CROIDHE CAINNTE CIARRAIGHE[*]
AG
AN gCÓTA

ar n-a thosnughadh 17adh lá Bhealtaine
1935.

[*] Ní raibh séimhiú ag an gCóta ar an bhfocal 'Ciarraighe' ar an leathanach tosaigh, ná ní raibh séimhiú aige i dtromlach na dtagairtí aige i litreacha a chuir sé chuig na daoine difriúla a raibh baint acu leis an tionsncamh. É sin ráite, bhí an séimhiú aige i litir a scríobh sé i mí Eanáir na bliana 1939. Tá an séimhiú in úsáid sa dá chomhaontú a síníodh idir é féin agus an Roinn Oideachais, agus bhí an séimhiú ag oifigigh uile na Roinne a bhí ag plé leis. Bhí an séimhiú, leis, ag Fiachra Éilgeach, an t-eagarthóir.

A

a: *forainm coibhneasta; ar, san aimsir chaite;* an méid. Seo púnt duit, a bhfuil agam: níl a thuilleadh agam, sin an méid atá agam. “Imtheóchaidh a dtiocfaidh is a dtáinig riamh”: gheobhaidh an chinidh daonna bás. Mara mbeadh ar thárla dhó nuair leónadh a chos budh mhaith an reathaidhe é: an gortúghadh d’éirigh do. Sin é an fear lé n-a mbím ag iascach: go ndeinim iascach ’n-a fhochair. Thar a bhfeaca riamh, is tú an cladhaire is mó: i gcomórtas leis an méid daoine etc. “Thar a bhfeaca riamh, is tú atá ann”, nuair chuireann teacht oban iongadh ar dhuine deirtear é seo. “Thar a bhfeacaís riamh bhuailfinn idir an dá shúil thu mara stadfá”: bí deimhnightheach de. Dar a bhfuil beó, má chuirtear barra méire orm marbhóchad duine éigin: luighim fé, móidighim é. Fág an leabhar mar a bhfuil sé: ins an áit etc., ná corraigh é. Mar a mbíonn talamh maith bíonn barraidhe maithe: in áit go mbíonn talamh maith etc. Fuaireas an scian mar ar chailleas í: ins an áit ’n-ar chailleas í. Fág an leabhar mar atá sé: ar an aiste go bhfuil sé; ná hathruigh aon phioc de; ná hathruigh a dhéanamh; ná déin aon nidh leis.

abha: *b.5.* sruth, cúrsa uisce. “Éist le glór na habhann agus gheobhaidh tú breac”: ná cuir rómhat aon rud do dhéanamh agus beir gan toradh. Tá gach aon rud go h-abhainn againn: flúirse de gach aon rud do theastuigheann uainn. B’fheárr an biadh do chaitheamh in abhainn ’ná é do thabhairt do dhuine díomhaoin mar thu: é do chaitheamh uaim ’n-a roilleach. Braith an abha sara dtéighir ’n-a cuilithe: féach rómhat sara dtugair fé rud do dhéanamh. Nuair bhíonn an abhainn ag labhairt cómhartha deagh-aimsire seadh é: nuair dheineann sí glór árd oidhche chiúin. Leis an dtart a bhí orm d’ólfainn an abha: mórchuid d’aon tsaghas leanna. Caith dhíot do chuid éadaigh; táir mar thairngeófí tríd an abhainn thu: fliuch go cnámh. Tréis na báistighe airéir tá gach aon áit ’n-a abhainn: mórchuid uisce i ngach áit. Nách ort atá an dochma dul ann, ní abha ná farraige atá rómhat: bóthar mín, réidh rómhat gan cosc. Níl anois aige ach an dealbhas, chaith sé a chuid airgid mar scaoilfeá leis an abhainn é: gan aon chuimhneamh ar an lá ná beadh faic aige: gan fuaimeant.

ábhacht: *b.3.* meidhir, caitheamh aimsire, aoibhneas. Chuirfeadh iarthar Chiarraighe ábhacht ar chroidhe aonne lé n-a bhreághthacht: aoibhneas agus éirighe croidhe. Ag ábhacht seadh bhí na buachaillidhe nuair goirtigheadh duine aca: ag déanamh seóidh. Bímíd bailighthe sa tigh seo gach oidhche ag ábhacht: ag déanamh cuideachtan, grinn a’s seóidh. Scéal ró-stuama dho seadh é chun ábhachta do dhéanamh de .i. chun magaidh do dhéanamh de.

abhaile: *dobhriathar.* fé dhéin áite cómhnaidhthe; triall; ascnamh; dul chun cinn. Tair abhaile: chun do thighe. Abhaile leat, níl aon ghnóth annso agat: imthigh chun do thriall go tapaidh. Bhíodar ag argóint le chéile ghá chur abhaile duine aca ar an nduine eile gur aige féin a bhí an ceart: ghá áiteamh go dian. Ceaca capall atá ag teacht abhaile?: ag buadhachtaint. Sin fear atá ag teacht abhaile go maith ó n-a thaom: ag dul i bhfeabhas. Tá na barraidhe ag teacht abhaile leis an aimsir mhaith so: ag teacht chun cinn. Á! a bhuachaill, táir ag teacht abhaile uait féin dá mhéid do bhís im choinnibh: táir ag aontughadh liom. Leig do féin, ná bí ag cur do chainnte leis, tiocfaidh sé abhaile uaidh féin: aontóchaidh sé leat sa deireadh. Scaoil abhaile mé: leig dom dul chun mo thighe.

Mara gcuirir abhaile an tairnge sin sa chrúdh imtheóchaidh sí ón gcapall: an tairnge do chur go daingean sa chrúib. Chuireas abhaile air nách bhfaigheadh sé bróga chómh maith níos saoire in aon tsiopa eile: chuireas 'n-a luighe air é. An-lag dho, is baoghal liom go bhfuil sé ag dul abhaile: ag fagháil bháis. Is maith an teacht abhaile é sin: deirtear lé duine nuair bhíonn beart mhaith nó rud buaidhte aige. Tá an chuigeann ar an slighe abhaile: nách mór an t-ím déanta den uachtar.

abair: *m.ó.* deirim, cuirimís i gcás, admhuighimís, bíodh agus go. Abair go mbeadh dhá mhíle púnt agat, an gceannófá gluaisteán?: cuir i gcás go mbeadh etc. Ná stad fós, abair leat: labhair a thuilleadh. Cad thug sé ar an gcoin? – ní fheadar, fiche púnt abair: b'fhéidir. "Is maith an fear tú, dar leat" – "abair é!": bí lándeimhnightheach de. Nuair castar daoine ar a chéile deir duine dhíobh – abair, nó abraidh, a fheara, a mhná, a gharsúna, a ghearrchailidhe: innis nó innsidh do (bhur) scéal. "Tá ár seanchara Tomás caillte" – "níl? ná habair é": is deacair é do chreideamhaint. B'fhearr liom lúidín coise Sheáin Mhistéal 'ná corp Dhómhnaill Uí Chonaill ar fad" – "déarfainn é": d'aontóchainn leat go fonnmhar. "Ní abrann galar fada bréag": tagann an bás dá dhruim. "Deirim go n-iomcharóchainn dathad cloch ar mo dhrom" – "deireann tusa rud": ní mór an fhuaimeant led chuid cainnte. Abair Scéal Mhadra na n-Ocht gCos dúinn: innis é; aithris é.

ábalta: *aid.* in ann; glic. Nílim ábalta ar léim sé troighthe ar aoirde do chaitheamh: níl sé ar mo chumas. Nílim ábalta ar Ghaedhilg do scríobh chómh maith agus budh mhaith liom é: ní fhéadaim etc. Gan sciathánaibh ní bheadh éan ábalta ar eiteal: ní éireodh sé den dtalamh gan iad. Cuirtear duine bocht i bpríosún i ngioll le bollóig aráin do ghoid, ach beireann fear ábalta na cosa leis tréis na mílte do chamadh: fear glic. Seadh, dá mbein chómh hábalta lé daoinibh cnuaisciúnacha, baileacha eile bheadh airgead sa bhanc agam: chómh glic, saoghalta. Nílim ábalta ar thu chlos leis an ngleódh ar fad: ní féidir liom etc. Dob ábalta an cléireach a árduigh leis na céadta a's níor rugadh riamh air: glic, deagh-eolais. Dob ábaltaighe Dómhnaill Ó Conaill d'fhear dlighe 'ná d'fhear poilitidheachta: cliste, eólgaiseach. Fág an t-ubhall san ag an leanbh anois, ná bí chómh hábalta: ná cuir t'fheabhas n-a choinnibh. Sin cárta atá ró-ábalta dhom: cárta ná féadfainn do bhualadh. Dá mbeidhfeá gan bheith leath chómh hábalta d'éireóchadh níos fearr leat: gan bheith d'iarraidh rudaidhe do ghnóthughadh lé t'fheabhas nó ghliocas seachas aonne eile nó lé lom d'fhagháil ar dhaoinibh. Budh dheacair bheith ábalta don nDíomsach i gcródh na dórnála: cómhchliste, eólgaiseach.

ábaltacht: *b.3.* bheith in ann; gliocas; buaidh incheann; feabhas. Budh mhór an ábaltacht do teacht idir thú féin agus airgead do dhreathár: budh mhór an gliocas agus an chamasghal do é do dhéanamh. Lé n-a ábaltacht de scoláire do bhuaidh sé cuid mhaith duaiseann: feabhas. Dá ábaltacht chun an tsaoghail é, an chion de gach aon nidh a bhíos ar siubhal aige: níl faic dá bharr aige dá ábaltacht é: dá ghlioca a's dá chliste é.

abar: *f.1.* áit bhog, phasálta; cruadhtan. Cáirde dob eadh Tomás a's me féin riamh, agus níor shaoileas go bhfágfadh sé in abar me: thréig sé me. Mhúch an choinneal orm a's gan aon lasán agam chun a lasta, d'fhág san in abar mé: i gcruadhtan, i ndraip.

ablach: *f.1.* conablach; corpán; feóil ag lobhadh; craosaire, duine aindeis. Ablach duine seadh Ceárnaora, an dóirneálaidhe: duine anmhór neamhchórach, beathuighthe, aindeis. Mhairbh an madra cheithre caoire ach ní aithneófá cér leis iad mar ní raibh ann ach na hablaigh: na corpáin míochúmtha, stolta, stractha. Tháinig an leómhan agus an sionnach nuair bhí an t-asal marbh aca chun an ablaigh do roinnt eatartha: an marbhán, an corpán. Chaith an mhuir isteach ablach éisc éigin: corp éisc a bhí i dtosach a lobhtha agus ná féadfá aithint cad é an cineál éisc é. D'ith an t-ablach oiread lé cúigear: an craosaire. Nuair bhíos ag gabháil thar fhuinneóig an bhrothaire do chonnac trí ablaigh mairt ar crochadh innte: trí cuirp feanta, cóirighthe lé díol. Fág san! as mo shlighe, a ablaigh, táir rómhall: a dhuine aindeis, neamhpaidh.

abláil: *b.3.* láimhseáil nó ionnramháil neamhchneasta; gearradh tuathalach, neamhshlachtmhar; útamáil shalach. Beir ag abláil leis an gcíste sin ag cur an iomad bainne ann gan a dhóthain taois go laitfir é: láimhseáil gan eólas. A lithéid d'abláil agus tá agat dhá dhéanamh ag gearradh an aráin: neamhshlachtmhar, ghá lat. Brúighfir an t-iasc má sheasuighir air agus ní cheannóchaidh aonne é lé habláil: trí n-a bheith millte, míochúmtha. Ní curadóireacht atá déanta ar an ngort so ach abláil: tá sé a bhfad ó n-a bheith saothruighthe mar budh cheart é. Ní rinne sé riamh d'aon ghnóth ach abláil: neamhchríochnamhail, neamhshlachtmhar. Ní fios d'aonne cad é an abláil do dhein an dochtúir ar mo chois lé n-a cheal eólais: an spreóitseáil, an gearradh, an obair dhíobhálach. Féach an crot atá ort, a leinbh, ó bheith ag abláil sa luig shalaigh sin: ag gabháil tríthe a's ag útamáil innte. In ionad an ghlais do chur ar an ndoras mar budh cheart, is amhlaidh do dheinis abláil air idir dhoras agus ghlas: táid araon millte agat. Focal de san ní féidir liom léigheamh, ní scríobhnóireacht í ach abláil: obair mhíochumtha, míscéimheamhail. Mhuise an duine bocht, ná bíodh aon tóir agat air, leig dó bheith ag abláil leis: ag déanamh mar fhéadfaidh sé. Níor bh'fhada bhí sé ag labhairt nuair thosnuigh sé ag abláil chainnte: ag cur a chuid cainnte trí n-a chéile gan aon chlódh uirthe. Ní dhéanfair choidhche ach abláil: obair gan chuma uirthe.

ablálaidhe: *f.4.* duine a ghnidheas gnóth nó cúram go haindeis nó gan slacht; tuathalán. Tá do chos cam n-a dhiaidh, níl ann ach ablálaí dochtúra: dochtúir gan eólas a ealadhan aige. Ablálaidhe coisidhe seadh thu, cos leat thall is cos leat abhfus: coisidhe nách siubhalann go slachtmhar. Níl tóin ná ceann ar an leitir seo, ní scríobhfadh aonne í mar seo ach ablálaidhe críochnuighthe: scríobhnóir andhona. Fair an t-ablálaidhe, an tslighe aindeis go mbeireann sé ar roth an ghluaisteáin: duine gan luid eólais aige ar chonnus breith ar an roth. Féach ar sin de ghort treabhtha, gach scríob chómh cam le adhairc reatha, ablálaidhe dob eadh an céachdóir: duine ná féadfadh céachda d'iondrabháil mar is cóir. Nuair tháinig an freastalaidhe im aice do thuit an sciath a's a raibh uirthe uaidh im ucht, an t-ablálaidhe!: an duine aindeis, neamhaireach, neamhchúramach, neamheólgaiseach. Chaith an t-ablálaidhe an oiread san aimsire ag cur an bhoighte ar an ndubhán gur thug sé suas é: duine míothapaidh, míchliste. Ag cur a mhealbhóige airgid i bpóca a chromáin do thuit sí ar an dtalamh i ngan fhios do, an t-ablálaidhe: neamhchliste lé n-a lámhaibh. An dtugann tú rámhaidhthe (imirtheóiridhe peile etc.) ortha san go bhfuil a mbád ag casadh ar gach áird fén spéir? ablálaidhthe do thugaim-se ortha. Fód slán níor chuir sé aníos as an bportach, ablálaidhe seadh é: oibreóir millteach, díobhálach. Dá bhféachtá rómhat, a ablálaidhe, ní thuitfeá leis an staighre: a dhuine aindeis,

neamhchúramaigh. Ablálaidhe iondúra do cheap an caladh san nách féidir teacht air ná imtheacht de ach ar leathtaoide: iondúir gan aon tsaghas eólais. Ní dheárna ablálaidhe ceárdaidhe riamh: ní féidir duine gan meabhraidheacht a mhúineadh chun céirde.

abhraiseach: *b.2.* cardálaidhe nó sníomhadóir olna. "Taointe fada na mná abhraisighe agus taointe gearra an táiliúra": táiliúir aindeis a thairngeas taointe fada agus bean abhraisighe aindeis a thairngeas tointe gearra, is furaist san do thuigsint.

abhraiseach: *a.* tugtha do chardáil nó do shníomhadóireacht olna. Budh shlachtmhar na mná abhraiseacha a bhí ann sa tsean-aimsir: na cardálaidhthe a's na sníomhadóiridhe ban.

abrán: *f.1.* an ceathramhadh mí den mbliadhain. Is maith liom an tAbrán bog, braonach: mí gan fuacht, míncheathach, go mbíonn fás ann.

abhras: *f.1.* an líon nó an olann oireamhnach lé figheadh n-a éadach; roinnt lín nó roilcheithidhe olna le cur ar an gcoigeal nó ar an bhfearsid. Bíodh dhá abhras ar do choigeal agat: ná bí ag brath ar nidh amháin ar fad, ar eagla go dteipfeadh slighe ort, bíodh breis agus san agat. Ionann dhuit bheith ag iarraidh airgid orm-sa agus bheith ag iarraidh abhrais ar phocán gabhair: ag lorg an ruda do-fhaghála: lorg in aistear seadh é. "Ní den abhras an chéad tsnáth" ar chualaís riamh é?: tástáil airís é, má theip an chéad iarracht ort ná cuireadh san droichmhisneach ort. Abhras garbh: línéadach garbh go ndéintí bairlíntidhe de. Abhras mín: go ndéintí éadaighe cláir a's a lithéididhe de. Mná abhrais: mná a chóirigheadh a's do shníomhadh olann.

abú: *intriacht* in uachtar! go bráth! choidhche! Sinn Féin abú!: Sinn Féin in uachtar! Crom abú! Láimh dhearg abú: rosca catha.

ach: *intriacht* éigheamh cáinteach; neamhnidh (seadh é). "Táim marbh agat" – "ach! nílir": níl baoghal ort. "Tiocfad-sa leis" - "ach! ní thiocfair": lé linn iongadh san do chlos. Ach, aidhe! tá an traen imthigthe uainn: tréis gan aon choinne againn leis, nó tréis ár nduaidh. Ach! éist, táim bodhar agat: b'fhearr liom go n-éisteá.

ach: fairír! monuar! Ach a Dhia, cad dhéanfad anois, níl cara sa tsaoghal agam?: fairír! Ach gur marbhuigheadh na fir dob fhearr, is go maireann spreallairidhe: a thruagh é. Beidh och a's ach anois aca gur éag a máthair: brón a's gearán.

acaointeach: *a.* gearánach, casaoideach, míoshásta. Dá gcuirtí ó bhais go bais thu bheidhfeá acaointeach: dá fheabhas an déanamh do gheóbhfá do bheadh gearán éigin agat do shíor. Nách acaointeach ataoi, fuairis oiread le haonne: gearánach. Tugtar lucht acaointeach ar na feirmeóiridhibh, agus níl san ceart mar is ortha thuiteann breis gach cruadhtain: míoshásta, doshásta. Ní duine acaointeach mé: is furaiste mé do shásamh: nílim tugtha do bheith ag fagháil lochta ar mo chion de rud.

acra: *f.4.* leirg áirighte thalmhan, ocht scór péirse talmhan. Cuireadh na hacraidhe a's na hacraidhe fé choill: cuid mhór thalmhan. "An bhfuil feirm mhór aige?" - "tá, na

hacraidhe" .i. anchuid Éireann talmhan. Ná tair i ngriorracht acra dhom, tá an ghráin agam ort!: fan abhfad uaim

achar: *f.1.* méid, fairsinge, faid na haimsire, faid, slíghe, turus. Ní bhíonn aon achar sa lá tímcheall na Nodlag: bíonn sé an-ghearr agus ní bhfaghfá chun do shásta é chun aonnidh do dhéanamh. Is sia d'achar ó Bh'l'Áth Cliath go Corcaigh 'ná ó Bh'l'Áth Cliath go Béal Feirsde: tá breis faid slighe ann. Níor thómhaiseas riamh an gort so, ní fheadar cad é an t-achar atá ann: fairsinge. Cad é an t-achar atá ó bhí bliadhain na gorta ann?: an iomdha bliadhain? Cad é an fhaid aimsire. An t-achar go rabhas-sa ag scríobh bhí seisean ag léigheamh: faid bhíos etc. Táimíd ag gluaiseacht ar achar fhada anois, ní bheam ar ais go ceann mí: turus fada. Ní h-achar liom seal den lá do chaitheamh ag cómhrádh leat: ní cur as an tslighe liom é.

acfuinn: *b.2.* maoin, cómhacht, ionmhas, flúirse, neart, buaidh fuilngtheachta, feisteas. Is mó acfuinn capaill 'ná acfuinn asail: neart. As acfuinn a chéile do dhein muinntir an bhaile an bóthar san: lé cabhair a chéile. As m'acfuinn féin do rugas an bórd aníos an staighre: gan aonne bheith ag cabhrughadh liom. Do thug gach aonne a shíntiús dréir a acfuinne: dréir mar bhí gustal nó neart aige air. Ní raibh sé ar m'acfuinn pingin do thabhairt don mbochtán direóil: ní raibh sé agam lé tabhairt do. Dá mb'acfuinn dom iasacht mo rothair do thabhairt duit do dhéanfainn sin: dá bhféadfainn é. Níl aon acfuinn ar bháistigh aige, tá sé ró-leice: níl fulang aige uirthe. An bhfuil acfuinn fuachta ionat?: an féidir leat fuacht d' fhulang? Láidir go maith as a ghéagaibh do bhí sé ach ní raibh aon acfuinn cabhlach ann: tímcheall a chuirp ní raibh neart dá réir ann. Déarfainn go bhfuil acfuinn i leathar na mbróg san: buanas agus fulang. "Is fada sheasaimh sé an bhreóidhteacht" – "ní h-iongadh san, cá ngeobhadh a acfuinn?": a neart agus a chómhacht fuilngthe ná caithfidís iad féin do chur in iúil. Dá bhfaighinn acfuinn ón Riaghaltas do dhéanfainn talamh mín den ngairbhthean san: dá bhfaighinn úirlisidhe oibre a's airgead. Lé haois níl acfuinn ag fanacht ionam: neart, luadar a's fulang. Tháinig taom obann air nár fhág aon acfuinn n-a ghéagaibh: aon lúth ná luadar. Ná bí ag cainnt ar acfuinn na dtonn, ná feicir gur scoilteadar an chloch dhubh: cómhacht, luighe. Níor chaith an slabhradh ar feadh na mbliadhan lé n-a acfuinn: buanas. Bíodh acfuinn id bhuille nó ní bhrisfir an charraig: fuinneamh agus cómhacht. Speach go raibh acfuinn innte do chuir an chaid leathchéad slat: ceól a's fuinneamh. Connus leagadh na crainn seo go léir? lé hacfuinn ghaoithe: neart a's cómhacht a's fulaingtheacht. Ná bíodh aon dochma ort teacht linn chun ólacháin; tá acfuinn airgid agamsa: tarang ar airgead. Níl mórán acfuinne i bhfaobhar na scine sin: faobhar seadh é ná fuil aon tseasamh fada ann. Bímis ag gluaiseacht chun iascaigh anois, tá an acfuinn ar fad againn: an feisteas, gach nidh atá ag teastáil uainn. Níl faic is fearr 'ná acfuinn sláinte: sláinte mhaith. Cuir ding leis an gcúilín sin agus déanfaidh sé breis acfuinne air: neartóchaidh sé é. Ní haon acfuinn dom do chabhair: aon mhaitheas. Biadh gan acfuinn do dhuine seadh tornapaidhe: gan scabhárd. Ní thabharfadh an talamh san cruithneacht níl an acfuinn ann: an saidhbhreas nó an mianach ceart. Cuir acfuinn ionat féin: luathuigh, brostuigh. Acfuinn id iarracht!: neartuigh t'iarracht. M'acfuinn thu!: taithnigheann do ghníomh liom.

acfuinneach: *a.* i gcumas, bríoghmhar, láidir, ionmhasach, ábalta (ar). Mara mbeadh an bád acfuinneach do bhí agaibh ní thiocfadh sibh saor: bád dhaingean, láidir, líomhtha.

Mara mbeadh gur cheannaidhe acfuinneach é ní fhéadfadh sé an oiread earraidhe do thabhairt ar cáirde: láidir a dhóthain agus maoin aige. Fear acfuinneach, cuir uait, seadh aonne go bhfuil míle púnt sa bhanc aige: ná bí ghá rádh nách eadh: fear os cionn a chumais seadh é. Cómhluchta acfuinneacha seadh ceannuightheóir muc: ní beag é a maoin. Tá an dair ar an gcrann is acfuinnighe ag fás: is láidre. Dob acfuinneach an fear é, ag iascach ist oidhche a's ag feirmeóireacht is ló ar bheagán codlata: bríoghmhar, fuilngtheach, dochlaoidhte. Ná bíodh aon eagla ort go mbrisfir an chathaoir sin, tá sí acfuinneach: ábalta ar ualach maith, trom d'iomchar.

acfuinneacht: *b.3.* cumas ar rud do dhéanamh, feidhm, neart, maoin, ionmhas. Níl sé d'acfuinneacht lútha ionat an falla do léimeadh: de chumas. Ní raibh acfuinneacht áruis agam chun an bhainne do chur ann: árus mór a dhóthain. Dá mhéid ar chaith sé dá chuid níor bh'fhéidir é do bhochtanughadh lé n-a acfuinneacht: an mhaoin a bhí aige. D'fhásfadh aon rud annsan le h-acfuinneacht na talmhan: feabhas agus saidhbhreas. An té go mbíonn acfuinneacht aige is cuma god é dho cabhradh leis an mbocht: saidhbhreas.

achmhusán: [**achmhúsán**] *f.1.* easmailt, searbhchainnt, carbhall míchéadfadhach, easonóir, béal-aithis, aithbhir, imdheargadh, toibhéim, leasainm. Ní hachmhusán d'aonne an bhochtanacht: ní rud é gur cuibhe do chasadh le haonne, do chur mar choir n-a leith. Caithid a saoghal ag achmhusán ar a chéile: ag fagháil lochta agus ag cur rudaidhe suaracha i leith a chéile. Bíonn mo bhean mhic ag achmhusán orm go bhfuilim sprionnlaithe agus nách bhfaigheann sí a cion uaim: ag tromaidheacht orm go héagcórach. Dá mbeadh aon achmhusán agat le cur im leith ní cheilfeá é: aon nidh budh dhóigh leat do chuirfeadh mímheas ag na daoinibh orm. Sid é an chéad uair agam ghá eiteach é agus deineann sé cúis achmhusáin de: cúis ghearáin. Duine mín macánta dob eadh é nár chuir achmhusán le neach riamh: nár thug aithis d'aonne. Bítear ag achmhusán ort má dheinir maith ar do chómharsanaibh: ag tromaidheacht ort. Ní haon achmhusán fear flaitheamhail do thabhairt air, mar is aige atá croidhe na gcéadta: leasainm. Bíonn an dá chomplacht poilitidheachta ag síor-achmhusán ar a chéile: iad ag cur cortha i leith a chéile, gach re ceann.

achmhusánach: [**achmhúsánach**] *a.* easmailteach, imdheargach, toibhéimeach, gearánach. Duine achmhusánach gan mheas ar aonne aige seadh é: tarcuisneach, gearánach. Pé rud a déarfair leó n-a gcoinnibh ná bí achmhuasánach: bí measardha id ráidhtibh. Ná bí achmhusánach orm ná fuaireas obair dod mhac, dheineas mo dhícheall: ná bí míchéadfadhach, gearánach. Dá achmhusánaighe bhíd ar a chéile, an bheirt dreatháir, nuair bhíonn aonnidh aca roinnid ar a chéile é: dá ghearánaighe.

achmhusánaidhe: [**achmhúsánaidhe**] *f.4.* cáinteoir, aithiseóir, báirseóir. Raghadh leat bheith it achmhusánaidhe gan géilleadh gan tabhairt ionat: síor-ghearántóir aithiseach. Sin é mar gheóbhfá furmhór na ndaoine dá fheabhas bheidhfeá dóibh, n-a n-achmhusánaidhthibh: gearánach, aithisbhéalach. Is olc an díol air, an t-achmhusánaidhe maith do dhéanamh air: an duine searbhchainnteach, míobháidheach, tromchainnteach.

achmhusánaim: [**achmhúsánaim**] *b.a.* tugaim íde béil do, lochtuighim. Ná hachmhusáin me i dtaobh nár choimhlíonas mo gheallamhaint, do theip orm dem

aindeoin: ná bí chómh míchéadfadhach a's go gcuirfir rudaidhe míchearta im leith. Cad mar achmhusáin ceann na scoile agus a thoghantóir a chéile: níor fhágadar aon rud i bhfuirm cúise ghearáin ná gur chasadar le chéile é.

achrann: *f.1.* aimhréidheas, dul trí chéile, imreas, bruighean, snaidhm, iomard; daingean. Achrann ar fad seadh an bóthar san, clocha, gearrthaidhe cumhang, fan as: aimhréidheas, ceal míne. Chuaidh mo dharadha in achrann nuair bhíos ghá chaitheamh amach: ceangailte ar a chéile i slighe ná rithfeadh sé. Scaoil an t-achrann san ar éill do bhróige: an trí chéile atá uirthe. Bíonn achrann éigin sa tigh sin ó cheann ceann na seachtmhaine: imreas, clampar. Cailleadh an long in achrann na n-oileán: a dheacracht seóladh n-a measc toisc a ghiorracht a bhíodar dá chéile. Is dóigh liom gur fearr dhom fanacht as an dtigh óil seo, achrann dom dul isteach ann, buailfidh an iomad cuideachtan liom: is deacair dom iad d'fhágaint nuair theastóchadh uaim. Mhúch achrann na líonta ar a ceann an phiast: a gcastacht ar uile threó. Chaith na leanbhaidhe an oidhche mhór fhada in achrann na coille: i ndoimhneas nár bh'eol dóibh. Fág ar mo bhuille anois mé, táim in achrann ceiste cruaidhe: ceangailte, taighdte isteach innte. Ag gabháil thar n-a chéile dóibh do chuaidh an gluaisteán 'san trucail in achrann a chéile: ceangailte. Glac mo chomhairle, na téirigh in achrann dlighe go deo má fhéadair: ná leig duit féin greim d'fhagháil ort innte. Ní cuimhin liom riamh 'ná beadh achrann éigin ort, a dhuine mío-ádhmharaigh: cruadhtan. "Cad is aois do?" – "ní h-eól dom, ach tá sé in achrann na mbliadhan": go hárd ins na bliadhantaibh. Dhearbhuigh an gárda go bhfeacaidh sé rian achrainn ar an mbóthar tréis na hoidhche: cómharthaidhe go raibh bruighean ann. Is mór an náire do chómharsanaibh béil dorais bheith ag achrann: in easaontas. Ag cur bruighne a's achrainn, a alfraits, ataoi ar dhaoinibh riamh: ag cur troda ortha a's ag déanamh toirmisc dóibh. Réidhtigh an t-achrann so eadrainn, ní thuigimid féin a chéile: socruigh go sítheach an cúrsa dhúinn. Ná téirigh in achrann ban: ná bíodh aon bhaint agat leó. Má tá fonn gnótha oraibh, caithidh uaibh achrann a's tagaidh le chéile: easaontas. Seachain tú féin go deó ar fhear achrainn: fear troda. Fear achrainn seadh an Tomásach so na gcánach: fear gur fonn leis cruadhtan do chur amach. Caithfear an t-achrann so ar fad do scartadh sara dtosnuighthear ar thógáil: na rudaidhe toirmisc seo go léir atá sa tslighe. Achrannach do dhuine bhocht seadh dul go B'l'Áth Cliath agus teacht as: costas a's clampar. Ní fonn réidhtigh a bhí air ach achrann: ní síothcháin a bhí uaidh ach troid.

achrannach: *a.* fuadhmach, casta, trodach, constaiceach, toirmeascach, doshaothruighthe. Thugas an oidhche ar fad d'iarraidh na háite d'fhagháil ameasc na gcúlshráideann, áit chómh hachrannach san seadh é: casta, deacair eolais. Bóthar chómh hachrannach san ná féadfá cairt do bhreith ann: aimhréidh, neamhmín. Nách achrannach an tigh atá againn, gan aon rud lé fagháil a's tú ar a lorg: drochriartha. Tá iall mo bhróige chómh hachrannach san go bhfuilim clipthe aice agus go dtabharfad an scian uirthe: casta, snadhmtha, do-scaoilte. Ceann (tíre) achrannach seadh é le carraigeachaibh, pollaibh, aiteann, cnapánaibh: aimhréidh, deacair do thaisdeal, Ní gádh dhuit aon eagla do bheith ort, níl aon rud achrannach rómhat: faic a thiocfadh treasna ort. Is achrannach an diall duine thu in earrad lé gach aonne: in easaontas, mío-mhuinnteardhas. Is deacair an talamh san do chur toisc a achrannaighe: clocha nó constaicidhe eile ann; gairbheacht etc.

acht: *comhnasc.* Gheobhair oiread le duine má thagair in am, acht muna dtagair, ní bhfaighir ach (acht) a leath: i gcás nách dtagair. Acht amháin gur chosnuigheas ortha é mharbhóchaidís é, bhí an oiread san buile ortha: dá mbeinn as an láthair bhí a ghnóth déanta. Pósfaidh sé í má gheibheann sé míle púnt léi acht gan san ní dhéanfaidh: dá mbudh nách bhfaigheadh sé an méid sin ní phósfadh sé í. Is maith is feas dom go bhfuil an ghráin aige orm agus go mbeadh sé annso acht ná bein-se ann: ar mise gan bheith annso. Tháinig sé chugham ag ceannach bróg a's gan acht coróin aige: sin a raibh aige. Connus tá an duine breoidhte? níl sé acht go bocht suarach: olc go maith, gan aon fheabhas. Ní stadann sí acht ag gearán: ag síorghearán. Ní théidheann lag air acht ag itheadh agus ag ól: bíonn sé ag gabháil de bhiadh agus de dhigh chómh minic is gheibheann sé an chaoi. Níl aon scannradh acht an lá: is mór an scannradh é, drochlá ceart seadh é. Deirir ná raghair go Tráighlí ambáireach, ní raighead-sa acht an oiread: acht chómh beag. Cé bheadh ar an aonach acht fear ná raibh ann lé deich mbliadhanaibh: ní raibh coinne leis. Cé bhuailfeadh chughainn isteach acht mo dhreatháir ón Oileán Úr ná feaca le fiche bliadhain: chuir a theacht iongadh orainn. Cad gheobhainn ar an mbóthar acht bille chúig bpúnt!: rud gan choinne. Raighead-sa fé bhrághaid na traenach acht bí-se uirthe: ar choingeall go mbír uirthe. Labharfainn acht teanga líomhtha bheith agam: dá mbeadh teanga etc. Déanfaidh an garsún san fear maith fós acht córaidheacht do thabhairt do: faigheadh sé í a's níl baoghal air. Acht droch-chos do bheith agam budh bheag an eadh agam siubhal tríocha míle in aon ló: mara mbeadh go bhfuil. Thugas deoch do, acht má thugas thug sé ceann dom: de chionn gur thugas, fuaireas ceann n-a coinne. Acht go sroichead B'l'Áth Cliath scríobhfad chughat: chómh luath agus etc. Acht amháin ná labharfá focal ní leigfí isteach tú: ar choingheall ná. Acht gur labhras in am dearmhadfí mé: mara mbeadh gur etc. Céad púnt a bhí sa bhanc agam thógas amach é ar fad ach chúig phúint: thógas amach nócha a chúig púnt. Bhí "acht", "acht", "acht" aige go rabhas cortha aige: bhí an oiread agónna aige: ceal cinnteachta. Ní fiú acht púnt an seanrothar san: ní fiú breis é.

acht: nuair, chómh luath agus. Bead chughat anois acht go mbead réidh: bíodh foidhne agat: chómh luath agus bhead réidh bead leat. Acht an meas a bhíodh agam ort ní labharfainn choidhche airís leat, léd mheisciúlacht: mara mbeadh etc. Acht ar eagla go mbeinn ag cur isteach ort do stadfainn ag cainnt leat: mara mbeadh leis an eagla etc. Acht gur seanduine anois me phósfainn airís: acht mé bheith im sheanduine do choisceann mé agus ní ceal misnigh. Acht ar mhaith leat teacht, tair: aon am gur mhaith etc. Ach a dtuigtí dho ná bíodh aonne tímcheall théidheadh sé ag goid: an uair etc. Ach me bheith láithreach ag an gcruinniughadh labharfad ar do thaobh: cuir i gcás go mbím ann.

acht: *b.3.* dlighe, reacht, daingean, margadh, nós, cóimhgheallamhaint; amhras, neamhdhearbhthacht. Bíodh sé n-a acht eadrainn go mbuaileam lé chéile annso ar an uain seo ambáireach: n-a choimhgheallamhaint dhaingean. Rinne na buachaillidhe acht ar scoil dul ar snámh ar an meádhon lae agus gan filleadh an lá san airís: do chuireadar cuing ortha féin etc. Ar acht go bhfaigheadh sé fiche púnt 'n-a láimh dubhairt go scríobhfadh sé scéal: ar choingheall etc. Cuireadh an reacht os cómhair na Dála agus tréis a shuathadh agus d'argóint do deineadh acht de: tá sé n-a dhlighe don ndúthaigh anois. Acht riamh ameasc na ndaoine dob eadh teinte cnámh d'adughadh oidhche Bhealtaine: nós. Gheóbhair iasacht airgid sa bhannc lé beirt urraidhe, agus ar chúig phúint fén gcéad

d'íoc as, ar aon achtaibh eile ní bhfaighir pingin: coingheallacha. Níl aon acht ná go bhfaighidh gach aonne bás: amhras, agó.

achtughadh: *f.* (*-uighthe*) cóiriughadh, órdughadh, socrughadh, bunughadh, breitheamhnas nó moladh, dlighe nó riarughadh ag lucht ceannais. Tá Dáil againn chun achtuighthe dhúinn: dlighthe do rith agus do chur i bhfeidhm. Sé an t-achtughadh do rinneadar, me do chaitheamh i gcarcar ar feadh dhá bhliadhain: órdughadh. Níorbh fhada bhítheas ag achtughadh an tsaoir stáit: ghá bhunughadh. Achtughadh maith seadh táille do thabhairt do bhaintreabhachaibh a's do dhíleachtaidhibh: dlighe maith. B'é an t-achtughadh a rinneamair eadrainn mise do bheith ag iascach agus eisean do bheith ag feirmeóireacht, agus roinnt leath ar leath: b'é sin an margadh a's a choingheallacha.

ádh: *f.1.* rath, dán, bail, buaidh. Níl aon ádh cloinne ar na daoinibh sin, gheibheann a bhfurmhór bás: rath. Is mór an t-ádh cloinne a bhí ar an mnaoi go raibh deichneabhar aice: an bhail uirthe nó an buaidh. Níl ádh na sláinte air, caitheann sé furmhór a shaoghail ar a leabaidh: níl san de bhail ná de mhaitheas aige. Ní fheaca an fear san ag imirt riamh ná go mbeadh ádh cártaidhe air: gheibheann sé cártaidhe anmhaithe. Ní hiongadh é bheith ar droichéadach, agus dealbh, mar is fada go raibh ádh an tsaoghail air: gur éirigh aon rud leis. Go n-éirighidh an t-ádh leat, tá sé tuillte agat: gura fearrde thu an uile lá ded shaoghal nó go raibh an buaidh agat ar pé nidh do chuirir rómhat do dhéanamh. Beannachadh so leis, a deirtear nuair bhíonn daoine ag dul ar thurus nó ag scaramhaint lé chéile. Tháinig oidhreacht chúig gcéad púnt chuige - fear áidh gach aon lá riamh dob eadh é: an chinneamhain do bheith ar a thaobh. Is olc an t-ádh a bhí leis ná rabhas chúig nóimintidhe níos luaithe bhéarfainn ar barra uisce air sar ar shúncáil sé: bhí an chinneamhain n-a choinnibh. Bíonn ádh ar dhaoinibh thar a chéile: daoine go ritheann leó agus daoine ná ritheann. Dá mbeadh sé d'ádh ort go bpósfadh sé thu: dá dtuiteadh sé amach, dá dtárluigheadh b'é do bhail é: bheadh malairt cuma sa tsaoghal ort nó budh shona dhuit sin. Nár éirighidh ádh leat, maran mé atá clipthe agat: mo mhallacht ort, táim cráidhte agat. Ádh a's mío-ádh an saoghal so: daoine go mbíonn rath nó bail ortha agus daoine ná bíonn.

adh, aidh: (**ádh, áidh**) *réimhmhír* aidhbhlighthe (adh- in iarthar Chiarraighe).

adhaint: *b.2.* fadughadh, dóghadh. Mar a chéile dhuit bheith d'iarraidh céille do thabhairt don nduine buile sin nó bheith ag adhaint teine ar loch: d'iarraidh teine do lasadh ann: iarracht in aistear seadh í. Is deacair teine d'adhaint in áit scéirdeamhail: d'fhadughadh nó do dheargadh. Má leanair ar an gcainnt atá fút beir ag adhaint fola dhuit féin: beir ag bíodhgadh daoine chun díomais id choinnibh. Má spriogair an duine tógtha san beir ag adhaint mioscais idir é féin is an té go bhfuil sé ag cúlchainnt air: beir ghá mhisniughadh chun clampair do dhéanamh eatartha.

adhaircín: *f.4.* adharc bheag nó rinn, beara. Adhaircín bheag thalmhan amach 'on bhfarraige: rinn bheag; scrogal amach ar thosach na parrdóige. Bíonn na cnapáin chruaidhe ag fás ar an sliogán mar bheadh adhaircínidhe: beara gearra cruaidhe; fadharcáin mar bheadh ar bhata droighean.

adhall: *f.1.* adhaltranas, dúil chumaisce in ainmhithibh áirighthe. Tá an madra fé adhall: tá mian cumaisce ar an madra.

adhaltranach: *a.* tugtha d'adhaltaranas, nó do chumaisc neamhdhleaghthach. Is é an béas adhaltranach an béas is peacamhla agus is gráinde.

adhaltranas: *f.1.* cumaisc neamhdhlightheach (lasmuigh de phósadh). Thug sí í féin d'adhaltranas: do chumaisc lé fearaibh eile seachas a céile.

Adam: [**Ádam, Ádhamh**] *f.1.* an chéad fhear do chruthnuigh Dia. Ní fheadar ó Adam cé hé an duine sin: níl aon léas eolais agam air. Ní fheadar ó Adam anuas cé bhí ag cainnt liom: aon neach den gcinidh daonna. De shíol Adam is tú an fear is measa liom: ameasc na cinidh daonna níl aonne is fearr liom ná thu. Ó cruthnuigheadh Adam níor tháinig lá chómh holc: faid is tá daoine ar an saoghal. "An raibh mórán daoine ann?" – "bhí síol Ádhaimh a's Éabha" (síol Á a's É, sin mar foghruightear é): na sluaighte.

ádhamhail: *a.* do bhreith maitheasa gan choinne leis: do theacht i dtreó dhuine go fabharach, rathmhar; bail nó maitheas do theacht lasmuigh dár smacht féin. Is ádhamhail do chlainn go bhfágann a muinntir airgead aca: ádhmharach, is sármhaith dhóibh é. Aimsir ádhamhail do churadóireacht seadh an aimsir thais seo: rathamhail: feabhasóchaidh sí go mór barraidhe. Nílim ádhamhail in ao'chor, níor bhuadhs geall riamh: ní bhíonn an chinneamhain fabharach dom. Bliadhanta ó shoin do bhí long mhór taistealaidhthe ag dul thar lear, taidhbhrigheadh do dhuine uirthe go gcaillfí í, tháinig sé i dtalamh aiste in Afraice Theas, níor shroich an long a triall riamh, nár bh'ádhamhail an fear é? nách air a bhí an deagh-bhail. Lá agus mé ar an gcara sráide gan an táille agam nár bh'ádhamhail dom go raibh fear aitheantais ann a dhíol asam: budh chaoitheamhail: budh mhaith an rud dom é.

adhanta: *a.* lasta, deargtha, atuighthe. Teine adhanta seadh anois í, do bheirbheóchadh sí aon rud: lasta go maith. Cneadh adhanta ar do chois: lasta, atuighthe. Ní fheadar cad bhí ghá dhéanamh agam, do bhíos adhanta ag digh: corruighthe, lasta aice; ar buile aice. Nuair theastuaigh ó Shasana buanaidheacht do chur ar ógánaibh na hÉireann lé linn an chogaidh fuair sí na daoine adhanta 'n-a choinnibh lé míchion air: tógtha i bhfeirg.

adhantach: *a.* solasta, sodhóighte. Is adhantaighe oíle ná adhmad: is fusa é do chur ar lasadh nó teine do chur ann. Níl aon mhianach chómh hadhantach le gual: is fusa do dheargadh 'ná é. Is cuma cad a déarfá lé Séamas, níl sé adhantach: furaiste buile do chur air: lasánta: soifheirge.

adhantacht: *b.3.* solastacht. Chuaidh an teine sa ghual go luath lé n-adhantacht: furaisteacht lasta. Budh chonntabharthach an rud lasán do lasadh annso ameasc na gcéadta soitheach oíle toisc a n-adhantachta: a fhusa bladhm do chur ionta.

adhantaidhe: *f.4.* rud a lasfadh lóchrann nó coinneal nó píp nó toitín. Díoltar adhantaidhthe oíle fé láthair: gléiseanna go n-oíle, rud a bhaineas splannc. San tseanaimsir breó-chloch a bhíodh aca mar adhantaidhe: is leó chuiridís teine i nidhthibh.

adharc: *b.2.* an forfhás péacach cruaidh a bhíos ar cheann ainmhidhthe áirighthe. Adharc cheoil, adharc ólacháin, adharc fhiadhaigh, adharc cheóidh, adharc ghluaisteáin. Níl ionam an scéal do réidhteach in ao'chor táim in adhairc ghabhair aige: ní heol dom in ao'chor connus gabháil chuige: bun-os-cionn ar fad, lán de mhearbhall. Chuir mo chuid cainnte in adhairc ghabhair é lé n-a gontacht: níor bh'fhios do cad é an freagra do thabharfadh sé. Raigheadh luch le heagla isteach in adhairc ghabhair ó chat: bíonn scannruighthe n-a beathaidh ghá sheachaint. Nách neamhshíothach na daoine sibh ó Luan Satharn in adharcaibh a chéile: ag achrann 'sag clampar. Chuala an gluaisteán ag séideadh na h-adhairce. Séideann longa adharca i gceódh. Chroch an sealgaire adharc fiadhaigh ar a chrios: adharc chun éighimh ar a chonairt. Tá an tarbh ar leath-adhairc: aon adharc amháin. "Bó na leath-adhairce": ainm amhráin.

adharcach: *a.* adharca do bheith ar, beannach. Ainmhidhe adharcach seadh bó. Crann adharcach é sin, seachain tú féin ghá ghreamughadh: tá fadharcáin nó snadhmanna ar a shleasaibh. Iasc adharcach seadh gliomach: bíonn beara a's crúba air. Bata adharcach seadh droighean: bíonn dealga láidre, géara air.

adharcadh: *f.* (*-ctha*) ag ionnsaidhe leis na h-adharcaibh. Deighil na hainmhidhthe nó beid ag adharcadh: ag bualadh a chéile.

adharcáil: *b.3.* ag ionnsaidhe leis na h-adharcaibh; ag péacadh. Baintear na h-adharca d'éadáil ar eagla go mbeidís ag adharcáil a chéile nuair cuirtear ar thrucailidhibh traenach iad: ag tabhairt fé chéile leis na h-adharcaibh. Dearbhuighim go bhfeaca an bheirt fhear so ag adharcáil a chéile: ag tabhairt fé chéile (ag tuargaint 'sag bualadh) go fíochmhar.

adharcaim: (**adharcálaim**) *b.a.* tugaim fé leis na h-adharcaibh, cuirim adharc trí, ionnsaidhim go fíochmhar. Seachain tú féin ar an dtarbh san nó adharcfaidh sé thu: buailfidh sé lé n-a adharcaibh thu, péacfaidh sé thu. D'adharc an bhó mo mhadra sa bholg: chuir sí an adharc trí n-a bholg. A bháinidhe, ná hadharc í sin!: a bhó bhán, ná tabhair fén mbuin eile lét adhairc.

adharcán: *f.1.* adharc bheag; péacán; beannán, fáibre cruaidh ar an gcroiceann fe'n mbonn nó ar órdóig nó ar mhéir coise. Drochbhóthar é seo, tá adharcáin chloch tríd aníos: stacáin. T'anam 'on diall cé bhuail thu? tá adharcáin ar t'éadan: fáibre atuighthe cruaidh de dheascaibh gortuighthe. Nuair thagann an taos tagann adharcáin diallta ar mo chosaibh nách féidir liom siubhal: fáibridhe cruaidhe, leóchaileacha.

adhart: *b.2.* cúilín fada cuirtear fé'n gceann. Is iomdha duine, fairír, ná faigheann bás adhairte: bás n-a leabaidh (nádúrdha). Ar an bhfuadar atá fút, a bhitheamhnaigh, is cosamhla gur b'e an siollán do dhán, a's nách bás adhairte gheóbhair: dréir deallraimh sé do chrochadh déanfar a's nách bás ar do leabaidh.

adhastar: *f.1.* an téadán nó eile ceangailte de cheannrach ainmhidhe lé n-a ngiolluightear é. Tá sé ar adhastar ag n-a mhnaoi: tá sé fé smacht cheart aice. Má tá fonn imtheachta ort níl aon adhastar ort: níl aonne d'iarraidh tu do chosc. Is fada ar adhastar ag an ndiall tú: is

fada ataoi imthigthe chun an donais. Ní capall gan adhastar: nuair ceannuightear capall ní bhíonn an ceannuightheóir sásta gan an t-adhastar do dhul leis. Ná bí ag brath ormsa chun teacht leat, ní féidir é, tá adhastar orm: cosc éigin, go mórmhór ag céile dhuine. Tá sé ar adhastar ó phós sé: níl an tsaoirse aige a bhíodh.

ádhbhacht: Beidh ádhbhacht ar phíb a's ar rinnce againn ar an ngléas eadarbhuaise ó chraolachán Átha Luain anocht: bainfeam subháilceas as bheith ag éisteacht leis.

adhbhcóid: *b.2.* fear teasardhan, cosantóir dlighe, duine a chosnuigheas, a chúitigheas nó a thagras cúis os comhair le hargóint. Dar leis na seandaoinibh gurbh adhbhcóid iontach Dómhnall Ó Conaill: gurbh árdfhear é i gcúirt do dhuine. Bead im adhbhcóid agat ag lorg lacáiste id chíos duit: bead ag agairt do chúise. Ní gádh dhuit-se bheith it adhbhcóid san áiteamh so idir mise agus an fear so: it fhear teasardhan nó réidhtigh. (**adhbhcóideach**, freisin)

ádhbhairín: *f.4.* fíorbheagán; *mar dhobhriathar*, mós, breis a's. Níl agam ach ádhbhairín airgid mara mbeadh san chabharfainn leat: suim nách fiú trácht air. Ná cuir aon eadh in aon nidh dá n-abrann an fear san, níl aige ach ádhbhairín céille: cuid an-bheag. Níl ach ádhbhairín talmhan ges na daoinibh sa Ghaedhealtacht: fághaltaisidhe gan méid. Dá mbeidhfeá ádhbhairín eile níos luaithe bheidhfeá in am: beagán aimsire. Níl do chuid té milis a dhóthain, cuir ádhbhairín eile siúicre chughat: tómhaisín eile. Dá mbeadh ádhbhairín breise gaoithe ann chuirfimis an seól anáirde: is beag eile an méid gaoithe budh ghádh etc. "An té a bhíos ó ádhbhairín go hádhbhairín tuiteann meisce air": ag ól 'n-a bhraoinín a's 'n-a bhraoinín. Tá ádhbhairín dighe ort: d'aithneóchadh duine go bhfuil braon caithte agat. Toisc gur luigh sí a súil air cheap sé go raibh ádhbhairín éilimh aice air: cion beag. 'N-a ádhbhairín a's 'n-a ádhbhairín seadh bailightear airgead: cnuaisciúin bheaga ar a chéile. Is sia an mhéar mheádhon d'ádhbhairín 'ná méar an fháinne: tá faid bheag aice uirthe. Nách tú an sutha, ní dhéanfadh ádhbhairín in ao'chor thu: deacair do shásamh, ceal meónaidheachta ar roinnt. Tabhair slighe dom, druid isteach ar an stól ádhbhairín: beagán eile slighe. Árduigh do lámh ádhbhairín leis an solas: tamall eile anáirde. Táim ádhbhairín ró-íseal lé me do ghlacadh sa Ghárda: nílim ins an aoirde cheart. Níor h-árduigheadh an brat fós. Táimid luath ádhbhairín: tréimhse beag roim am tosnuighthe. Ní oireann an hata dhom, is ar a luighead ádhbhairín: ionga ró-bheag. Fanfad ádbhairín leat: moilleóchad seal beag. Níl ort ach ádhbhairín: níl mórán éadaigh, etc. Ní fiú trácht ar an ngortughadh fuair sé, níl ar ach ádhbhairín: ní mór go mothófá ar éirigh do. Táir ádhbhairín as an slighe agus ní maith liom é: beagán ar meisce, nó ag cainnt rud beag bun-os-cionn. Is fearr ádhbhairín aige ná flúirse ag duine eile: tá sé fial fé n-a chuid. Ní fhanann sé ar ádhbhairín nuair bhíonn sé sa treó: ólann breis is budh cheart do.

adhbhal: *a.* an-mhór, fairsing, arrachtach. Nách coimhtheach í an fharraige adhbhal: mór, doimhin, fairsing. Chaith an mhuir ainmhidhe adhbhal-mhór isteach ar an dtráigh: dhéanfá iongtas agus faitchíos dá mhéid neamhghnáthach. Iasc adhbhal-mhór seadh an míol mara: is iongtach 'sis uathbhásach an toirt é. Ainmhidhe adhbhal-ghránda seadh nathair nimhe: róghránda ar fad. Loch adhbhal-dhoimhin seadh í, deirtear nách féidir tón d'fhagháil aice: doimhin, doimhin dothómhaiste.

adhbhar: *f.1.* cúis, fáth; mianach, stuif; an rud bunaidh go ndéantar rud ar bith nó earra dhe. Bhuail sé me, a bhreithimh, gan chúis gan adhbhar: gan aon tuilleamh agam air, ná raibh aon rud aige im choinnibh a bhéarfadh cóir do air. Cad é an t-adhbhar atá agat lé n-a rádh go bhfuil an Ghearmáin ag ullmhughadh chun cogaidh airís?: cad air gur féidir leat do ráidhte d'adughadh. Táir déidheanach 'od chuid oibre indiugh, bír déidheanach gach aon lá, ar an adhbhar san ná tair airís: toisc sin, mar gheall air sin. "...pheacuigheas go rómhór im smaointibh, im bhriathraibh, im ghníomharthaibh, trím chiontaibh, trím chiontaibh go rómhór, ar an adhbhar san athchuinighim ar etc.": mar gheall air sin, dá bhrigh sin etc. Toghadh iad chun imeartha ar adhbhar gur dhóigh leis an mbreitheamh gurbh iad rogha iad: de chionn, toisc, de bhrigh, mar gheall air. Níl aon adhbhar agat fearg do bheith ort liom: aon chiall leat. Gheibheann na boicht bainne agus feóil in aisce agus ceannúireacht airgid, ar na hadhbharaibh sin táid buidheach: toisc sin, de chionn na maitheas san. Ar adhbhar gur bh'fheárr leis an mac ab óige 'ná an mac budh shine, d'fhág an t-athair a chuid aige: mar gheall air gur, etc. Níl do dhóthain leathair agat mar adhbhar bróg: an méid a raigheadh chun a ndéanta. Cheannuigh sé adhbhar maith capaill: searrach nó bromach go bhfuil mianach capaill mhaith ann. Adhbhar sagairt seadh an buachaill sin: tá sé ag foghluim chun bheith n-a shagart. Raighead i gcoláisde mar adhbhar dochtúra: ag foghluim chun bheith im dhochtúir fé dheóidh. Thug sé bliadhna 'n-a adhbhar saoir a's i ndeireadh na haimsire sin ní fhéadfadh sé cloch do chur: 'n-a phrintíseach: ag foghluim a chéirde. Adhbhar maith mná seadh an cailín sin: tá an mianach innte (é de chuma uirthe) go mbeidh sí 'n-a mnaoi mhaith nuair fhásann sí. Níl stáca ar bith ná a adhbhar ann, an cnoicín fraoigh: aon rud gurbh fhéidir stáca do dhéanamh de. Adhbhar bitheamhnaigh seadh é: níl aon rud do dhéineann sé ná go gcuireann sé 'n-a luighe ort go mbeidh sé 'n-a bhitheamhnach. Cad é an t-adhbhar léighinn atá agaibh, a bhuachaillidhe, an tréimhse seo? an rud go bhfuil sibh ag trácht air: tíreólas, stair nó a lithéid. "Á, adhe, riú, mhuise, is maith an t-adhbhar é" deirtear go searbhasach lé duine ar dhéanamh nó rádh ruda éigin mhíochuibheasaigh. Tuatach deaslámhach a dhéanfadh aon rud dá mbeadh an t-adhbhar aige: an rud bunaidh mar adhmad, éadach, leathar, etc.

ádhbhar: *f.1.* méid, líon, maoin. Budh bhreágh an t-ádhbhar airgid do thuill sé: an tsuim airgid. Ceannóchad ádhbhar stocaidhe sa tsiopa so: roinnt. An bhfuil aon ádhbhar (d'aon rud) agat?: cuid, roinnt. "An mbíodh mórán fear ag obair ar an mbóthar so?" - "ádhbhar": oiread agus ná féadfá rádh gur bheagán ná mórán é. Ní h-aon díobháil bheith ádhbhar déidheanach, tá an lá so fada a dhóthain aige: aimsir neamháirighthe. D'ísligh an t-eiteallán ádhbhar ró-gheairrid don talamh a's níor nocht sí drom an tighe: achar thar ceart agus theip uirthe éirghe os cionn an tighe. Buail amach fén spéir ádhbhar, is feabhas ar do shláinte é: tamall. Ná himthigh chómh luath san uainn, fan ádhbhar eile againn: seal níos sia, faduigh t'fhanacht. "Cad é an t-aos thu?" – "tá ádhbhar bliadhan agam": táim ag dul in aois. Scaoil ádhbhar beathuisce chughat féin: braon idir eatartha. Thugas ádhbhar dem shaoghal san Oileán Úr: tamall de bhliadhantaibh. Ádhbhar lastuaidh de Bheiginis atá Inis Tuaisceart: achar ná fuil ró-fhada. Cuir ádhbhar mine sa phlúr agus beidh an císte níos fearr: roinnt ná beadh rómhór. Maide ádhbhar éatrom chun rámhaidheachta go maith seadh é: tá sé ar a thruime. Mara ndéanfaidh sé rud ort agus dul ar scoil imthigheadh sé ar a ádhbhar féin: ar a thoil féin. D'imthigh gach fear díobh ag lorg an óir ar a ádhbhar féin: do féin gan baint aige le haonne eile ná ag aonne leis. Imthigheadh sé ar a ádhbhar féin

feasda: bíodh sé ag brath air féin. Ní bheir ar d'ádhbhar féin choidhche airís anois ó taoi pósta agus tigh agat: ní bheidh cead do chos agat. Dá óige scaoileadh ar a n-ádhbhar féin iad, nuair fuair a muinntir bás d'éirigh leó: ag déanamh dóibh féin, gan chabhair ó aonne.

adhbhar: (**adhar**) *f.1.* Bíodh adhar do bheatha ionat pé áit dá ngeóbhair: bí cúramach ar do ghnóth a's do shlighe bheatha. Ní raibh adhar a ghnótha riamh ann – ní raibh ann ach fuairthé: ní raibh sé i gcumas a ghnóth do dhéanamh mar budh cheart. Ná bac aonne ná bíonn adhar a ghnótha ann: aonne ná cuireann roimis sa cheart nidhthe do dhéanamh go cúramach. Deirtear so le duine a bhíos faillightheach, siléigeach ar aon tsaghas cuma: níl adhar a bheatha ann.

ádhbhar: *f.1.* an blúire adhmaid a bhíos ar ghunail báid fé'n maide rámha nó an ladhar chruinn iarainn go dtéidheann a cos síos an ghunail. Cuir do mhaide rámha ar an ádhbhar (más dolaidhe adhmaid a bhíos ghá choimeád i dtreó); cuir do mhaide rámha san ádhbhar (más ladhar iarainn í): ionad an mhaide rámha.

adeirim: *b.a.* innsim, labhraim, aithrisim. Deireann tú liom é - go bhfuilir ag imtheacht thar lear: cuireann tú iongadh orm. Deirim an méid seo leat, má bhíonn do chapall ag teacht im ghort go seirbheálfad tu: bí lándeimhnightheach de. Ní tú adeirim in ao'chor: ní duit go bhfuilim ag tagairt. Nuair labhrann an fear san deir(eann) sé cainnt mhaith: tagann cainnt mhaith uaidh. "Tá cuma an fhuachta ar an aimsir" – "ní deirim (abraim) id choinnibh": aontuighim leat air. Nuair bhíonn groga i nduine ag imirt chártaidhe deirtear leis, "cad deirir?": cad tá fút do dhéanamh? Níl an fear bocht ró-láidir le fada, mhuise mo thruagh é - sin adeir a chuid bídh leis: ní hiongadh san agus an biadh olc do chaitheann sé. Deir sé amhrán go maith: canann sé go maith. Bheadh an dúthaigh a bhfad níos fearr dá mbeadh breis na ndaoine ar na talmhaintidhibh saidhbhre, sin é adeirim i gcómhnaidhe: sin é mo bharamhal-se, leis. Cad deirir leis ná gur bhuail me nuair a eitigheas é: an gcreidfeá é? Cad deirir lém chulaith nuadh? cad é do mheas uirthe? Adeirim leat gur fiú rud maith í: bí deimnightheach de. Cad deir an mhaidean? cad é an saghas aimsire a thiocfaidh aiste? (Feic **abair**)

adfhuar: *a.* an-fhuar ar fad. Lá millteach adfhuar dob eadh an lá fuair sé slaghdán: lánfhuar ar fad, ar fad. Bíonn mo chosa adfhuar in aimsir sheaca: chómh fuar san nách féidir teas do chur ionta.

adfhuath: *f.3.* gráin throm, fíordhéistin. Nuair chonnac gur chuir sé bréag ar a dhreatháir tháinig adfhuath agam do: fuath nách bhfuarfadh. Cuireann daoine a bhíos ag cáineadh na tíre seo adfhuath orm dóibh (leo): ní fhéadfadh déistin níos mó do bheith orm leó.

adfhuathmhar: *a.* gráineamhail, déistineach. B'adfhuathmhar an choir do cuireadh 'n-a leith, an bhean do mharbhadh agus í do ghearradh 'n-a ceathramhnaibh: coir a chuirfeadh gráinidheacha ar do chuid fola. Ár, marbhadh, ionnarbadh, gorta agus gach ao'nidh dá adfhuathmhaire do rinne Sasana ar mhuinntir na hÉireann: budh ghráineamhla, budh dhéistinighe 'ná a chéile. Ní mór ná gur thuit an t-anam asam leis an eagla nuair chonnac an t-ainmhidhe adfhuathmhar chómh mór lé tigh ag éirighe in aice an bháid: cuma ghránda, mhíochuibheasach air.

adfhuathmhaireacht: *b.3.* déistin, gráineamhlacht. Chuir a iomchar adfhuathmhaireacht orm nuair chuala an tarcuisne do thug sé don mhnaoi: mímheas agus déistin agam air. Chuir uaigneas agus aonaireacht na háite adfhuathmhaireacht orm: scannradh m'anama, faitchíos ró-mhór.

adhlacadh: *f.3.* (*-ctha*) cur na marbh (daoine). Ceann des na seacht ngníomharthaibh trócaireacha corpardha seadh adhlacadh na marbh: a gcur fá iadhadh uagha. Ní leigfí é d'adhlacadh i dtalamh coisricdha: cur críosdaidhe do thabhairt do. Bhíomair ag adhlacadh na marbh: ghá gcur i gcré. T'adhlacadh go raibh ann (eascaine): deirtear le duine a fhanas rófhada in áit gan bun nó ag gabháil go righin de ghnóth budh chóir bheith críochnuighthe abhfad roimhe sin. Go lá m'adhlactha beidh cuimhne agam ar an mbitheamhnach a ghoid mo bhróga uaim: lá mo bháis. Bás Aoine, adhlacadh Sathairn agus guidhe Dhomhnaigh an chrích is feárr ar pheacach.

adhlacaim: *b.a.* cuirim (duine). Adhlacadh go galánta é: do cuireadh tórramh maith air, cómhra shlachtmhar, a's bhí sochraid mhór aige, níor coigleadh aon airgead ar a chur. Mara mbeadh aonne eile beó ach mé ní adhlacóchainn thu! d'fhágfainn ar barr ithreach thu lé droichmheas ort! Ní fios d'aonne cá n-adhlacfar é: an áit go sínfear i gcré é.

adhlann: *f.1.* oireamhaint. Faigh adhlainnidhe an iascaigh agus beimíd ag gluaiseacht: oireamhaintidhe, mar atá líonta, dairithe, dubháin etc. Tá an tigh seo chómh strosamhail fé aidhlainnidhibh lé h-aon tigh dá bhfeaca riamh: corcáin, áraistidhe a's na rudaidhe eile is riachtanach i gcóir rith tighe. Seadh tá adhlainnidhe an treabhtha go léir againn anois tosnuighimís: oireamhaintidhe, céachda, capaill, etc.

adhmad: *f.1.* coill, crann bainte oireamhnach lé cur i gcrích (fíoghardha); adhbhar, ciall, buanas, áis. Doras adhmaid, is adhmad ar fad sa tigh: déanta d'adhmad. Dá fhaid do bhí sé ag cainnt liom agus ag léiriughadh dhom níor bhaineas aon adhmad as a chuid labhartha: ciall nó brigh. B'fhearr liom úrlár adhmaid ná úrlár barrachta. Tá sé chómh maith agat an seanghluaisteán san do thabhairt dom-sa, óir nách bhfuil aon adhmad agat dhá bhaint as: áis, earraidheacht. Is fada gur bhaineas aon adhmad as mo chuid airgid: gur chaitheas aon phioc de ar aon tslighe. Baineann duine críochnamhail adhmad as gach aon nidh: áis, earraidheacht, earrán (arán?): cuireann sé gach aon rud i ngnóth éigin.

ádhmhaidean: *b.2.* an-mhoch ar maidin. Éirigheann sé ar ádhmhaidean thríd an mbliadhain: móchóiridhe seadh é. Cad sheól chughainn ar ádhmhaidin thu?: cad é an cúram géibhineach do thug annso chómh moch so thu? Bím im shuidhe leis an ádhmhaidin: ar éirghe lae. Duine ádhmhaideanach dob eadh gach aon lá riamh é: 'n-a shuidhe an-luath. Chuala an fhuiseóg ag labhairt ar ádhmhaidin: ag cainnt sara raibh puinn daoine 'n-a suidhe.

admháil: *b.3.* aontughadh lochta, fiach, teacht le fírinne, cur in iúil go sroicheann rud duine etc; scríobhnóireacht a chuireas in iúil go mbíonn rud éigin, airgead, earraidhe, nó a lithéid fachta ag duine. "Mise bhris a chos" – "is maith an admháil uait": budh cheart duit meas do bheith agat ort féin (searbhas). Dubhairt sé leis an mbreitheamh go raibh mórán

eile goidthe aige nách raibh sé cúisighthe leis, budh dhána an admháil uaidh é: an fhaoisdin. An bhfuilir ghá admháil gur tu do chaith an t-urchar, mar dhearbhuigheann an Gárda? nílim, táim ghá shéanadh: ní aontuighim gur mé etc. Cá bhfios dom ar chuiris na hearraidhe chuige, cá bhfuil an admháil do gheóbhfá ag stad na traenach?: an cómhartha a fhíoróchadh gur dheinis é. Leabhar admhála: leabhar a chuireas in iúil go mbíonn rudaidhe fachta. Ní chreidfeadh aonne é tréis a admhála as féin: a dhearbhughadh gan a iarraidh air. Raighead ag admháil mo pheacaidhe: ag faoisdin.

ádhmhail: *a.* rathamhail, buacach. Thógadar clann ádhmhail: clann gur éirigh leó go maith sa tsaoghal. Ní rabhas riamh ádhmhail ar chártaidhibh: níor bhuadhas faic ortha tá a shláinte aige tá a dhóthain de strus an tsaoghail aige. Fear ádhmhail seadh é: fear go bhfuil an sonas air. Daoine ádhmhala agus neamh-ádhmhala a dheineas an saoghal mór: daoine sona agus daoine dona. Nách ádhmhail do bhuailis liom anois díreach a bhíos ag dul chun do thighe: is mór an bhail dom etc. Dob ádhmhail dóibh gur fhan an fharraige ciúin agus an drochbhád a bhí aca: budh rí-mhaith dhóibh, budh shona.

admhaim: *b.a.* feic **admhuighim**

admhálach: *a.* d'admháil; bheith freagarthach. Ní bheadh sé admhálach i bhfiachaibh a mhuinntire: ní gheóbhadh sé air féin iad d'íoc. Clipighthe, chómh clipighthe sin gur scríobhas chun na bpáipéar ná beinn admhálach i bhfiachaibh mo mhná: freagarthach. Deir an saoghal mór gurbh é do mhairbh an t-oifigeach, ach níl sé admhálach ann: ní aontóchadh sé sin. B'fheárr duit saoiste do dhéanamh de dhuine éigin eile seachas mise níor mhaith liom bheith admhálach le hobair chómh tábhachtach san: freagarthach, sásta le gabháil fé n-a déanamh 'n-a ceart. Téanam go dtín dtáilliúir; déarfad-sa leis go mbead admhálach in aon rud a thabharfaidh sé dhuit: go n-íocfad é má theipir féin.

admhálacht: *b.3.* d'admháil, freagarthacht. Glac-se admhálacht an airgid seo ort féin: bheith freagarthach ann, é a chur chun na críche is ceart: súil bheith 'n-a dhiaidh agat, gan é do leigeant ar fóraoil. Céagaibh go bhfuil admhálacht na hoibre seo air?: céagaibh a bhfuil a cúram air, atá 'n-a cheap lé n-a dhéanamh go ceart.

adhmanas: *f.1.* gnóth, cúram, lorgaireacht bheatha. Siopadóireacht an t-aidhmeanas do thairng sé air féin tréis teipthe air ag feirmeóireacht: an gnóth, an cúram. Is iomdha san aidhmeanas do thairngeann duine air féin: is iomdha rud do chuireann an duine roimis etc. n-a bheatha, duine múinteóireacht, duine siopadóireacht, etc. duine de shlighe eile agus mar sin de. Chaitheas fiche bliadhain in adhmanas ag an tighearna .i. ag obair do.

ádhmhar: *a.* ráthamhail, sonasach, lé conách, lé leas. Is é an lá ádhmhar duit an lá phósas thu, a dhuine neamhchríochnamhail: budh mhór an sonas duit mé mar is ró-olc an sás chun an tsaoghail thu. Beart ádhmhar gur cheannuighis an tuicéad, féach gur bhuaidh sé 30,000 púnt duit. Ní raibh ach a rádh gur scar sé leis an ngluaisteán é do bhualadh, garsún ádhmhar seadh é: rathmhar. Sin cao ádhmhar agat ar dhul go B'l'Áth Cliath in aisce sa ghluaisteán so: teangmháil gan choinne leis agus fhabhrach. Feirmeóir ádhmhar: go n-éirigheadh a chuid leis. Is ádhmhar don té go mbíonn inchinn mhaith aige: is sonasach do san.

ádhmharach: *a.* rathmhar sonasach, éascaidh. Dá mbeadh uain ádhmharach ann gheóbhfá iasc san abhainn sin: tráth éascaidh, fhabharach, shéanamhail. Níor bh'ádhmharach dom gur bhuaileabhair liom, tá an lá caithte agam libh: ní raibh pioc den tséan orm. Chaitheas an téad go hádhmharach gur rug sé uirthe agus é ag dul fé loch: tráthamhail. Nuair chaitheann cearrbhach cárta maith go mbíonn súil buaidhte aige leis agus go mbuaileann cearrbhach eile gan choinne, deir an fear claoidhte – is ádhmharach a bhí sé agat: tráthamhail, séanamhail. Ráinig aon lasán amháin againn eadrainn go hádhmharach, mara mbeadh san bheimís gan gal: caothamhail, séanamhail. Is ádhmharach duit bróga nuadha do bheith agat: is maith, mór an bhail ort é. B'ádhmharach liom tu do bheith im chuideachtain: budh bhreágh liom san.

ádhmharaighe: *b.4.* ádh, rath, séan, leas. Tógadh a chuid troscáin le fiachaibh, ar ádhmharaighe an domhain do ráinig an t-airgead agam a's do thugas do é chun a choda d'fhuascailt: séan gan choinne leis. Ag imirt chártaidhe dá mbeadh cárta lag ag cearrbhach a bhuailfeadh agus gur bh'shin do bheadh ann cárta eile – ar ádhbhharaighe an domhain. Ádhbharaighe an duine, agus ní a fheabhas de shiopadóir, gur dhein sé airgead sa pholl san. Ní lé n-a fheabhas de mhairnéalach do thug sé an bád saor ach lé n-a ádhmharaighe: rath iongantach. Ní lé n-a fheabhas do deineadh saoiste dho ach lé n-a ádhmharaighe: séan, an chinneamhain do bheith ar a thaobh; an rath do bheith air.

adhmholadh: *b.3.* (*-lta*) do labhairt go hárd ar son; mórmhaoidheamh. Gheibheann an Craoibhín adhmholadh ar son a ndeárna sé don nGaedhilg: moladh thar na beartaibh. Ní féidir an Ghaedhilg d'adhmholadh lé saidhbhreas a cora cainnte: a mholadh rómhór. Ní féidir maitheasaidhe Dé d'adhmholadh: do mholadh mar budh cheart.

adhmholaim: *b.a.* molaim go hárd. Cé gur adhmholadh me lém aghaidh, cáineadh me lém chúl: tugadh moladh iongtach dom im láthair. Ní gádh gníomh maith d'adhmholadh: moladh go leor seadh feabhas an ghnímh féin.

admhuighim: *b.a.* deirim gan chúntar mo locht; coir, fiacha, nó aon nidh in aghaidh mo chlú nó mo bhaile féin; fógraim, mínighim nó cuirim síos go mion. Adhmuighim gur pheacuigheas: deirim é gan chosnamh gan choimirce. Adhmuighim do Dhia go bhfuil mo chroidhe briste agat le haiteas: deirim é go fírinneach. Adhmuighim gurb áilne cómhnaidhe cois farraige sa tsamhradh ná in áit eile: aontuighim leat air. Admhuigheann sé go raibh sé ann nuair goideadh an t-éadach, ach ná raibh aon lámh aige ann: cuireann sé in iúil, craolann, fógrann. Ní raibh aonne ann a admhóchadh do cheart-sa ar chuid den roinnt d'fagháil: a fhógróchadh go raibh buannacht agat air. Ní admhóchainn d'aonne tú do cháineadh: ní leigfinn le haonne tú do dhíomholadh. Ná hadmhuigh d'aonne choidhche go raibh grádh agam duit: ná leig ort le haonne é agus má fhiafruightear díot é ná haontuigh leis.

adhnacadh: *f.3.* (*-ctha*) feic **adhlacadh**

adhnachaim: *b.a.* feic **adhlacaim**

adhnadh: *b.3.* adhanta, do chur teine ann, d'at; spionnadh, misneach; soillsiughadh, lasadh. Dá mbrisinn mo chroidhe, ní fhéadfainn teine d'adhnadh as an móin fhlich seo: do fhadughadh, do chur ar lasadh. Ag adhnadh a's ag adhnadh atá an chneadh: ag at agus ag at. Do chuir an beathuisce adhnadh 'n-a chroidhe lag: múscailt, spionnadh, bíodhgadh. Bíodh adhnadh ionat agus tabhair fé labhairt: bíodh misneach agat. Dá mbeadh aon adhnadh ionat ní fhoighneófá dhá nóimint lé teallaire tagarthach mar é sin: misneach. Ní raibh sráid sa chathair ná raibh adhnadh solais innte le honóir don Uachtarán: gluardhacht agus gléire agus gléineacht. Ná bí ag adhnadh fúm an bannc san do choilleadh: ag spreagadh fúm. Níor chaillis riamh é, ag adhnadh achrainn idir dhaoine: ag bíodhgadh daoine chun troda. Cad chuir ag adhnadh chugham thu?: ar buile, ar néal. Bíonn lucht na freasabhartha sa Dáil ag adhnadh na ndaoine in aghaidh an riaghaltais: ghá ngoradh, ghá spriogadh, ghá spionnadh chun achrainn a's clampair do dhéanamh. Sé cáil atá ar Shasana ameasc tíortha lasmuigh bheith ag adhnadh fala 'n-a measc: ag lasadh 'sag cothughadh mioscaise, fill agus neamhmhuinghine.

adhnaim: *b.a.* faduighim, deargaim, lasaim, soillsighim, spionnaim, misnighim. B'fhada nár labhramair lé n-a chéile, sa deireadh d'adhain eadrainn: d'éirigh eadrainn go fíochmhar. Ní raibh beirt riamh ag adhaint (ag adhnadh) teine ná go n-adhanfadh eatartha: ná go dtroidfidís. Ná bí ag cur fúm anois, ní adhanfadh do dhícheall mé: ní bhainfeá choidhche chun buile me. Níor ghádh dhuit ach méar do bhualadh air, chómh lasánta san é, nuair adhanfadh sé chughat: nuair a thiocfadh buile air. Adhnaim chómh luath agus chidhim é: tá an oiread san gráin agam air. Ní raibh riamh i gcuideachtain ná h-adhanfadh spairn: ná músclóchadh troid.

adhnáire: *b.4.* náire dhearg. M'adhnáire é, a Sheáin, bheith ag obair agus do chómharsa béil dorais dhá adhlacadh indiugh: náire mhór.

adhnáireach: *a.* cúthail. Labhair amach, ná bí adhnáireach: cúthail. Níor éirigh riamh le garsún chómh hadhnáireach leis: cúthail, tamáilte. Budh dhóigh lé duine ar a adhnáirighe do thaidhbhsigh sé ná tiocfadh oiread cuthaigh air a's go labharfadh sé go feargach. Bean lághach adhnáireach dighe seadh í: cúthail, méineamhail, gan scléip.

adhnódh: *a.* úr. Fuaireamair biadh adhnódh sa tigh lóisdín indiugh: biadh neamhghnáthach againn. Deoch adhnódh seadh í seo: deoch nách bhfuil amuigh abhfad.

adhnódh: *f.4.* fústar, cóiriughadh. Ní gádh dhíbh bheith ag déanamh adhnóidh díomsa, níl sé tuillte agam: ag déanamh mór-is-fiú agus mór-le-rádh dhíom. Táthar ag déanamh adhnóidh do dhuine éigin sa tigh sin anocht, an gcloiseann tú an ceól? an bhfeiceann tú na soilse go léir?: ag tabhairt urraime do dhuine éigin. Táim an-bhuidheach dhíobh mar do dheineadar adhnódh dhíom: do chóirigheadar go galánta mé. Níl aon áit go ngabhann an t-uachtarán ná go ndeintear adhnódh dhe: onóir is urraim.

adhradh: *f.3.* an urraim, an umhlaidheacht, agus an onóir is dual do Dhia. Téidhtear chun teampaill chun Dé d'adhradh: chun seirce agus urraime do thabhairt do Dhia. Na déithe adhartha a bhí in Éirinn roimh theacht Phádraig, déithe pagánacha dob eadh iad.

Théidheadh na manaigh go logaibh iargcúlta ná beadh aonne ag cur isteach ortha chun an Dé chirt d'adhradh: do ghrádhughadh, umhlughadh dho, urraim do thabhairt do.

adhruightheóir: *f.3.* níl tír fé luighe na gréine ná go bhfuil adhruightheóiridhe Dé ann: a chreideas, a ghrádhas, a mholas a's a umhaluigheas don bhfíor-Dhia.

adhraim: *b.a.* grádhaim go hiomlán, umhal. A Dhia, adhraim thu: grádhaim lém chroidhe a's lém anam go hiomlán thu.

adtuaidh: *dobhriathar* ón áird thuaidh. Gaoth adtuaidh: gaoth ag séideadh ón áird sin. "Cad as an duine sin?" – "adtuaidh seadh é": ón dtaobh thuaidh den ndúthaigh. Gan aon choinne agam leis tháinig an namhaid adtuaidh orm: go fealltamhail.

aduantas: *f.1.* uaigneas, aonaireacht, uathaidh. Mhaireadh sé 'n-a aonar sa bhothán in aduantas na gcnoc: uaigneas. Ní mhairfinn ar an oileán seachtain is dóigh liom le haduantas: uaigneas. Bhraithfeá aduantas i mullach an chnuic: aonaireacht a's iargcúlacht. Níor chaitheas lá san Oileán Úr ná raibh aduantas an bhaile orm: uaigneas toisc bheith i ndeóraidheacht.

adubhairt: *b.a.* Tá sé óg a dhóthain fós lé pósadh, a ndubhairt siúd: mar déarfaidhe. Ná creid focal den dtuairisc a fuairis, níl ann ach dubhairt-sé-dábhairt-sé: cainnt gan deallramh: cúntas neamhchruinn. Chuala dubhairt-sé-dábhairt-sé éigin i dtaobh oibre do chur ar bun annso: trácht ná raibh deimhnightheach, ráfláil. "Deirtear go bhfuilir ag imtheacht as so" – "níl ann ach dubhairt-sé-dábhairt-sé": cainnt nách ceart suim do chur innte. Ní maith liom daoine dubhairt-sé-dábhairt-sé: daoine a bhíos ag aithinnsint gach ráflála dá gcloisfid. Mé féin is cionntach le bheith déidheanach, chaitheas an aimsir ag comhchainnt leis gach aonne a bhuail liom. Tá scéal breágh agat a ndubhairt an fear: mar déarfadh aonne a chloisfeadh thu. "Chuir an leanbh a lámh san teine a's dóigheadh go cnámh é" – "ní mise ná dubhairt sin": d'fhógras air aire do thabhairt do féin. Ní fada bhí an muileann ar siubhal nuair dúnadh é, "ní mise ná dubhairt sin": d'fháisnéiseas san. "Cé dhéarfadh go dtiocfadh lá go mbeadh daoine ag lorg ó dhoras go doras san oileán úr?" – "ní mise ná dubhairt sin": is minic a áitigheas é.

adughadh: (*-ughthe*) teine do chur, d'at; do bhreisiughadh, méid do chur ar; d'áitiughadh, do chur fé. Ag adughadh na teine; ag cur adhbhar na teine i gclódh agus í do lasadh. Is ag adughadh atá an chneadh san id mhuineál: ag dul in at agus léas ag teacht ann. Is mór mar táthar ag adughadh ar Bh'l'Áth Cliath le chúig bhliadhanaibh: ag cur breise air. Ní mór claidhe daingean fuaimeantamhail d'adughadh annso chun na farraige do chongbháil amach: do dhéanamh ann. Nuair tháinig an giúdach 'on Daingean shaoil gach aonne ná fanfadh ann a bhfad ach tá sé ag adughadh fé ann; ag buanughadh ann. Tamall tréis aduighthe dhóibh in Éirinn d'éirigh na Gearaltaigh fíor-Ghaedhealach: tréis curtha rompa chun maireachtana agus fanamhna innte. Ná bíodh aon eagla ort go gcaithfear amach tu, déin tú féin d'adughadh annsan: cur fút go neamhfhaitchíosach, dána. Níl adughadh na teine agam: aon rud do thabharfadh teine don adhbhar. Baineadh an ceann den dtigh agus táthar ag adughadh air: ag cur breise air, ghá árdach etc. Níl seachtmhain den mbliadhain ná go mbíonn sé ag adughadh ar a chuid airgid: ghá

mhéadughadh. Cad é an áit den gcathair go bhfuilir ag adughadh: ag tógaint tighe nó ag cur rómhat maireachtaint. Ag adughadh ar an aimsir atá le holcas: ag dul in olcas agus in olcas atá sí. Ó bhliadhain go bliadhain bhíodar ag adughadh leó sa cheanntar go dtí ná raibh aonne ann sa deireadh ach iad: ag méadughadh. Ná bí ag adughadh leis an scéal, tá sé siléigeach a dhóthain agat: ná bí ag cumadh aon nidh nár chóir do bheith ann. Ag adughadh ar an éitheach ataoi: ag dul dréir éithigh agus ag muinghin as. Bíonn na h-éanlaithe ag adughadh a nead sa bhealtaine: ag togáil 'sag déanamh a nead.

aduighim: *b.a.* lasaim, deargaim. Feic **faduighim**

aduighim: *b.a.* méaduighim, cuirim fúm. Ní mar sin do chuala-sa cad thárla, ní fuláir nó d'aduighis leis: chuiris breis leis. D'imthigh sé as so fadó riamh a's ní fheadair aonne cár aduigh sé: cár lonnuigh sé. Ní aduigheann an chuach in Éirinn sa Gheimhreadh: ní áitigheann sí annso: ní fhanann sí annso. Cloch reatha seadh an fear taomanach san, ní adóchadh sé in aon áit: ní chómhnóchadh sé de ghnáth in aon áit ar leith. D'aduighinn ar mo bheagáinín airgid gach uair dob fhéidir liom, mar sin d'fhás sé: chuirinn aguisín leis. Aduigh annso in aice liom-sa tu féin: socruigh annso. Tá clocha a dhóthain sa chlaidhe, aduigh lé fód anois é: árduigh é. Aduighimís ár gcuid airgid ar a chéile, seadh is sia raghaidh sé: cuirimís in aon tsuim amháin é. Adóchad ar thaobh na fothana den gcarraig: suidhfead nó cuirfead fúm. B'olc leó an chré talmhan a bhí ann a's ní adóchaidís ann: ní lonnóchaidís. Daoine tóirtéiseacha ní maith leó go n-adóchaidís ameasc bochtán: go mairfidís. Is deacair a rádh cá n-aduigheann an scadán: an áit dhúthchais sa bhfarraige atá aige. Is aisteach na háiteanna go n-aduigheann éanlaithe ann go minic: go ndéinid a neadacha. Cad air go n-aduigheann tú do chuid áitimh: go mbunuigheann tu é. Ag adughadh tighe ar ghainimh seadh bheith ag brath ar an rud nár thuillis fós: rud nách iontaobha. D'aduigheadar ar feadh na hoidhche i dtigh an óil: chuireadar fútha ann: thugadar an oidhche ag ól.

ae: *b.4.* Do dhóighis an ae ionam ag déanamh clampair dom an uile lá ó bhís id gharsún: do bhrisis mo chroidhe. Fáilte rómhat, a chara na n-ae: a chara mo chroidhe istigh, a chara na gcarad. Dúil na n-ae aige san ólachán gur mhairbh sé é: dúil doshásta. Bíonn dúil na n-ae ag cat in iasc: raigheadh sé fé'n roth chuige. Obair chruaidh! ná bí ag cainnt, tá mo chroidhe a's m'ae ag rith ar a chéile lé strus: ag bualadh go saothrach, mear. "Féach cad atá déanta aige orainn, táimid tréigthe aige tréis ár ndóchais as" – "b'fhuraist aithint gurbh í sin ae a bhí ann": gurbh é sin a mhianach é. Baintear úsc as ae éisc: oíle ionlasta. Ní fuláir nó níl aon ae ann, féach an dath mílítheach atá air: tá an ball beatha san ar míriar ann.

aer: *f.1.* (*g.* aoir) Níl grian ar an aer indiugh: níl sí soifheicse. Is é an t-alfraits is mó idir aer a's uisce é: atá le fagháil ar an saoghal. Imthigh amach fé'n aer duit féin: buail amach fé'n spéir. Ó tháinig grian ar aer indiugh tá sé ar an aiste sin: níl aon atharughadh air ó éirigh grian. Níl aon aer sa tseómra: tá sé múchta. Tabhair aer don mnaoi (í i laige): druidtear siar uaithe. Thuas san aer chonnac eitleallán a's gan oiread éin innte: abhfad anáirde ón dtalamh. Nuair dubhart leis ná raibh meas madra agam air d'éirigh san aer (chugham): tháinig cuthach air. Fadó bhíodh obair ag dul san aer san Oileán Úr: oiread san oibre nár bh'fhéidir daoine d'fhagháil di. Ná coiglídh an deoch, a fheara, tá sí ag dul

san aer annso: oiread annso dhi agus ná féadfaidh sibh d'ol a's bhur ndícheall do dhéanamh. Sara dtáinig cochalóiridhe iasachta ar ár gcósta bhíodh iasc ag dul san aer againn: bhíodh flúirse dhe le fagháil. Siúd é nách bhfuil bocht, dá bhfeictheá indé é agus airgead ag dul san aer aige! ní déarfá san: airgead le teasbáint aige nó dhá chaitheamh gan doicheall. Tá an capall so (an peann, an gluaisteán, aon rud) ag dul san aer orm, ní fhéadaim faic a dhéanamh leis: ag imtheacht ó smacht, ag dul id choinnibh. Níl aon aithne agam ar an gcailín sin, ní fheaca riamh í ná an t-aer ós a cionn: an spéir mar ar saoghaluigheadh í. D'imthigh mo chuid ag éanlaithibh an aoir: gan chosc ar aonne é d'árdach leis, gan aon aire do thabhairt do. Labhair go ciallmhar a's ná bí ag imtheacht lé haer an tsaoghail: gan aon chosc ar do labharthaibh ná machtnamh ar do ráidhtibh. Is doiligh an scéal aige é, d'imthigh a chlann go léir le haer an tsaoghail: scaipeadar soir siar gan tuairisc ortha. "Cá bhfuil do thriall anois?" – "táim ag imtheacht le haer an tsaoghail": gan aidhm agam ar aon áit ná aon rud. Mara mbeadh tú bheith ag imtheacht le haer an tsaoghail ní bheidhfeá gach oidhche go maidean nách mór ód thigh féin: gan aon riaghail, ciall ná fonn ort faic do dhéanamh seachas ragairne a's scléip. Tá aer a's Gaedhilg le fagháil i gCorca Dhuibhne: aoibhneas sláinteamhail. Indiugh tá gach nidh ag imtheacht san aer orm: nílim in ann teacht ar aon rud do dhéanamh. Nuair dubhairt sé léi ná pósfadh sé a hinghean chuaidh sí anáirde díreach san aer: tháinig buile uirthe chuige. Fear dochloidhte dob eadh é, sé dubhairt sé tréis céad slighe bheith tásdálta aige ar éalódh ón bpríosún agus teipthe air, "ní fál go haer é": ní cúram doidhéanta fós é. Níl mo mhac ar fóghnamh in ao'chor, níl ann gabháil amach fé'n aer fós: dul amach as an dtigh. Is folláine an t-aer cois na farraige ná isteach fé'n ndúthaigh: an fonn.

aerach: *a.* diamhair, a chuirfeadh faitchíos (áit); aoibhin; ceanamhail ar sheódh; beódha; soiléasta; meadhrach, éadtrom, guagach, luaith-inntineach, ruaiseach. Áit aerach seadh mullach Chnuic Bhréanainn: áit go bhfuil radharc fairsing a's aoibhneas ann féin. Deirtear gur áit aerach Mullach an Chlasaigh, dá mbudh i lár an lae é: áit go bhfeicfí taidhbhsidhe nó púcaidhe nó daoine maithe ann. Níor mhaith liom gabháil thar an áit sin im aonar, tá teist aerach air: deirtear go mbíonn na daoine maithe ann. Áit ró-aerach chun cómhnaidhthe seadh bun cnuic: ró-uaigneach, iargcúlta. Tá an chnapóg thalmhan so aerach go maith: radharc maith as. Ní raibh aon díoghbháil ann ach é bheith aerach: neamhstuidéartha, tugtha do sheódh, do bheith ag gabháil tímcheall ar chóisridhibh: duine ná bíonn saoghaltach: duine cainnteach. Dá mbein chómh haerach leis an gcuid eile raghainn ar na ráiseannaibh indiugh: dá mbeadh an oiread fonn aoibhneasa orm. Buachaill aerach é, dhein sé trí greasa rinnce agus thug sé tamall maith ag amhrán: beódha, meadhrach, scléipeach, gan buaidhreamh aigne. Cathair aerach seadh B'l'Áth Cliath: cathair go mbaineann daoine aoibhneas as a saoghal innte. Daoine aeracha seadh muinntir Chaomhánach: nílid róstuidéartha 'n-a meabhair, táid baoth.

aeradh: (*-rtha*) ag gabháil an aeir: díomhaoin! Táimíd ghár n-aeradh féin annso: díomhaoin glan, a's ghár n-aoibhneas féin.

aeridheacht: *b.3.* ag siubhal chun aoibhneasa; siamsa (rinnce, ceól, amhránaidheacht etc.) fén spéir; baois, neamhspéiseamhlacht (aigne). Raighead ag aeridheacht an chuid eile den dtráthnóna: ag siubhal go neamhspéiseamhail in aon rud ach i mbreághthacht na háite. Ag aeridheacht cois na farraige dob fhearr liom mo chuid laetheanta saoire do

chaitheamh: ghom aoibhneas féin ann, gan chúram eile. Is maith an aeridheacht a bhí i nDún Chaoin bliadhanta ó shoin: an bailiughadh daoine go raibh ceól, amhránaidheacht, rinnce, aithriseóireacht, scéalaidheacht, etc. ar siubhal aca. Tá aeridheacht annso ná faighfeá fiú amhain i gCill Áirne: aer, folláineacht, breághthacht agus aoibhneas. Ní chuirfinn aon eadh sa duine sin cad dhéanfadh sé, tá aeridheacht ag baint leis: níl sé ró-stuidéartha, rófhuaimeantamhail.

aerim: (**aoraim**) *b.a.* tugaim aer do. Buail amach a's aer thu féin: glac gaoth ghlan. Aer an léine sara gcuiridh tú ort í: cuir lé gréin nó le teas í, go n-imthighidh pé taisireacht atá innte.

ag: *réamhfhocal.* cómhfhogus (áite); de chionn; de chuid; de sheilbh; de ghníomh; de chúis; de stáid aigne; leis an ainmfhocal bhriathardha; de thamall nó d'eaga; cialluigheann gníomhaidhe gnímh; cialluigheann sé toisc; cialluigheann sé seilbh lé briathraibh seachas 'is' agus 'tá'; i dtaobh, mar gheall air; féach annso le 'seo'; in ioscaid le 'ar', chun chomhthruim do chur i gcéill. Suidh ag an mbórd: in aice an bhúird. Ag claidhe (cnoc, carraig) gheóbhfá foithin: in aice. Ag an bhfarraige bíonn aer glan: cois na farraige. Ag baile b'fhearr dhuit fanacht: sa bhaile nó in aice an bhaile. Ní chloisim focal uait ag an gceol: de chionn an cheóil, mar gheall ar an gceól. Do bhíos bodhar ag cainnt gan fuaimeant: do dhein sí bodhar me. Bím cortha ag obair: ón obair. Beir fliuch ag an mbáistigh: fliuchfaidh an bháisteach thu. Bhíodh an cat barrdhóighte ag an dteine: thugadh an teine barrdhóghadh air. Bíodh gach duine agaibh annso go luath: sibh go léir. Raighidh cuid againn ag snámh agus cuid eile againn ag siubhal: roinnt dár mbuidhin in áit agus roinnt in áit eile. Daoine go bhfuil airgead aca: airgead 'n-a seilbh. Dá mbeadh fios agam bheadh leigheas agam: fios ar m'eólas agus leigheas ar mo chor. Ní theastuigheann do chabhair gan mhaith uaim, congaibh agat féin í: ná scar léi. Fág rud éigin againn, ná dealbhuigh ar fad sinn: 'n-ár seilbh. An agat-sa é seo? an tusa do rinne é seo. Is agam-sa an obair seo ar fad: is mise a rinne í. Is aige-sean an tigh do leagadh: is é is bun leis: is mar gheall air é: do rinne sé rud éigin go toilteanach nó go neamhghuiseach budh bhun lé n-a leagadh. "Ag seo mo lámh duit nách bhfuilim pósta, is gur buachaill óg me thug gean do mhnaoi": ghlac mo lámh mar dhearbhughadh ar an nidh a deirim. Ag seo leabhar duit: tóg an leabhar (mar bhronntanas nó le cur in ionad rud eile b'fhéidir). Má cuirtear an fhoirbhrigh ar an bhfocal 'seo' sé chialluigheann sé go bhfuil leabhar ag teastáil; más ar an bhfocal 'leabhar' do chuirtear an fhoirbhrigh cialluigheann sé leabhar in ionad ruda éigin eile. Ag seo mo lámh duit: glac an lámh so mar chómhartha caradais nó measa ort. "Dá mbeadh casúr agam do thiomáinfinn an tairnge seo" – "ag seo cloch dhuit, b'fhéidir go ndéanfadh sí an gnóth": cloch in ionad an chasúra. Bhíodh Séamas so againne go minic breóidhte: ár Séamas-ne. Tá an bhean so agam-sa sa Daingean indiugh: mo bhean féin. Is dócha ná beadh aon éileamh agat ar an dtigh seo agam-sa do cheannach: mo thigh-se; an tigh seo go bhfuil cúis cheana agam air nó gur mhian liom a chúram do chur díom. Bíonn fuath agam don pheaca: 'n-a inntin. Bheadh gráin agam ort dá mbeidhfeá míomhúinte: im aigne, im inntin. Is ionmhain agam thu: táir i searc m'aigne. Is mór agam fear ceanamhail ar a thír: im mheas, im smaointibh. Ní beag aige é féin: 'n-a thuairm féin tá meas mór aige air féin. "Chonnac ar meisce é indiugh" – "ní h-annamh san aige": béas. Ná bí ghom mhilleadh lé cnáimhsean: ag déanamh mo mhillte. Sin bóna ró-chumhang, tá sé ghod theachtadh: ag gabháil de theachtadh do dhéanamh ort.

Chídhim-se thu, ná bí ghod ghoid féin amach: d'iarraidh éalódh amach i nganfhios. Ag oscailt an dorais dom do bhriseas an eochair: lé linn bheith d'iarraidh an dorais d'oscailt. Ag léigheamh do do threasuigh duine den lucht éisteachta air: le linn léighte dho. Ag gabháil thar doras dom glaodhadh isteach orm: ar an uain go rabhas san áit sin etc. Tá mo shaoghal nách mór caithte agam: is beag den tsaoghal rómham amach. Cad san dhá bhualadh agat? táir le gníomh buailte, cad é? Raghad ag snámh tráthnóna: tá m'inntin ar shnámh. Shuidheadar ag scríobh ar an gcrinlín: chun scríobhtha. Ná corruigh nílir sa tslighe orm, fan mar a bhfuil agat: san áit 'n-a bhfuilir. Fan mar tá agat: ar an gcuma go bhfuilir. D'fhág a athair cuid mhór airgid aige le linn bháis do: mar oidhreacht. Budh mhór an cion a bhí agam ar Mháire: im chroidhe bhí grádh di. Bíodh lá saoire agaibh: glacaidh é. Níl aon aithne agam ort: ní h-eól dom cé thú. Tá a fhios agam go bhfuilir bocht: is eól dom é. Níl aon eólas agam ar Áth Cliath: ní fheadar aon rud mar gheall air. Á, shatluigheas ar t'órdóig, gaibh agam: ná bíodh milleán agat orm: fuascail ó mhilleán me. Ag seo chugham é, agus buile air: tháinig sé (tá sé ag teacht) go fuadrach. Ag seo anáirde!: anáirde go mear, tapaidh, nó imthigheadh sé go mear. Ag seo ag teacht anois é: seadh, sa deireadh sid é é. Ag seo ar aghaidh me: d'imthigheas lom láithreach. Ag seo ag ól iad: chromadar ar ól go trom. Ag seo ag troid iad: d'fháisceadar ar throid go fíochmhar. Cad tá ag an bhfear san ort? fiacha ort. Ná bíodh airgead ag aonne ort má fhéadair: ná bí fé fhiachaibh aca. Cad é an aois atá aige uirthe? cé mhéid bliadhan is sine é ná í. Tá órdlach ar aoirde agam ort: táim órdlach níos aoirde 'ná thú. Ní raibh dhá phúnt meádhchainte aige orm: ní raibh sé an méid sin níos truime. Níl aon chúis cainnte agatsa, níl faic agat orm: nílim fé chomaoin agat. Dhéarfainn go raibh faid a chinn ag an gcapall dubh ar an gcapall glas: bhí sé an méid sin chun cinn air. Bíodh lá ag luing aca ar an luing eile ag teacht treasna ón Oileán Úr: bíodh sí annso lá roim ré. Tá an solas múchta agat orm: do mhúchais an solas agus chuir san ciotaighe orm. Cad tá agat air? fiacha, méid breise: cad táir chun cinn air? "Cad é an méid leabhar agat, a Shéamais?" – "sé cinn" – "an bhfuil an méid sin agat-sa, a Sheáin?" – "tá agus breis" – "cad tá agat?" – "naoi gcinn": tá dhá cheann (breise) agam air. Tá duine marbh aca: do mharbhuigheadar duine nó tá duine marbh sa tigh aca, nó dhá iomchar. Tá scáird 'n-a shúil, budh dhóigh leat air go raibh duine marbh aige: ar an solas bhí 'n-a shúilibh taidhbhseófí dhuit gur de dhruim duine do mharbhadh do tháinig sé ann. Dé bheatha-sa a's rud agat: tá fáilte rómhat toisc ná tagair follamh. Tá clann óg ag mo mhnaoi ó airéir: do shaoghaluigh sí leanbh. An bhfuil mo mhac agaibh annsan? in bhur bhfochair. Thug sé sé bliadhna aca: chaith sé sé bliadhna 'n-a bhfochair. Táir agam anois: tá buaidhte agam ort: tá beartha ort. Táir déidheanach indiugh airís, ach bíodh agat den turus so: bíodh leat, bíodh saor leat. Bead bocht, is dócha, i ndeireadh mo shaoghail ach bíodh aige: is cuma liom 'n-a thaobh. "Beidh sluagh mór chun bídh agaibh" – "bíodh aca, tá fáilte rómpa": ní mairg linn é sin. Bíodh ag lucht fill ar feadh tamaill, ach i ndeireadh ní bheidh aca: scaoiltear leo (éirigheadh leo) ach íocfaid as a ndroichbheartaibh. "Tá agam": bhíos d'iarraidh ruda éigin do dhéanamh, nó do ghortughadh, nó ag súil le rud agus níor cuireadh díombáidh orm: d'éirigh liom. Dá mbuadhfadh duine deich mhíle púnt ar chrannchur na n-osbuidéal déarfá – "tá aige!": níl baoghal anois air: tá a dhóthain aige. Suidh againn tamall: fan 'n-ár measc. Ní sheasóchadh púnt té sa tseachtmhain againne: chaithfimis é. Ní fheaca do lithéid de leanbh riamh chun bróg, ní sheasóchaidís mí agat: chaithfeá iad. Níl pláta slán sa tigh agat: tusa do bhris iad go léir. M'anam ag Dia gurb í an fhírinne adeirim: ar mh'anam do Dhia etc. Ag Dia an uile rud: is lé Dia gach aon nidh. Ag Dia go rabhad má

tá focal bréige agam: go bhfaighead bás má tá etc. Do chaitheadar a gcuid airgid aca féin: leó féin, ortha féin. Marbh ag ól; torrach ag biadh; saidhbhir ag siopadóireacht; lán ag an ngaoith; ag rith ag an dtarbh; te ag an dteine; tinn ag an ndroichfhiacail; caillte ag an ocras; séidte ag an ngaoith; tart ag an bhfeóil ghuirt orm; teasbach ag deaghbhiadh air; an tobar i ndísc ag an triomach; laguighthe ag an aois; damanta ag an bpeaca; cráidhte ag drochláimh; sciobtha ag an mbás; bodhar ag an dtóirnigh; dall ag an solas; meidhreach ag an ndigh; sásta ag an gceól; briste chroidheach ag an mbás; claoidhte ag mo namhaid; obair sínte ag an iondúir; aerach ag an léigheann; as a mheabhair ag mnáibh; tachtuighthe ag an mbóna; a gciall so go léir agus a lithéididhe uile – de chionn, de bhárr, nó de dheascaibh. Ag brath ar an lá go gcaillfear é: ag feitheamh.

aga: *b.3.* áitreamh, sos, uain, am, aimsir. Dá mbeadh aga agam air do thabharfainn cuaird oraibh, ach ní bhíonn leathuair amháin saor agam: am gan ghnóth gan chúram. Má gheibhim aga ar leitir do scríobh ambáireach: má bhíonn aimsir saor agam chuige. Tabhair aga duit féin ar é do dhéanamh i gceart, tá iomad deabhaidh ort: beir fada air: bí réidh leis. Is mór an aga ó bhís annso cheana eadrainn, ar éigean is cuimhin liom é: aimsir anfhada. Cad é an aga atá ó cuireadh cath Dhúna an Óir? cé mhéid bliadhain? Ná bíodh súil róluath agaibh liom, bead aga mhaith uaibh, mar tá turus fada romham: seal nó tamall fada. Tá breis agus aga céad go leith míle idir Bh'l'Áth Cliath agus Corcaigh: faid, slighe, achar. "Cathain a tháinighís abhaile?" – "tímcheall a deich a chlog" – "ní mórán aga a bhí agat orm-sa, bhíos ag baile ar ceathramha tréis a deich": ní mór an uain nó an aimsir. "Cad é an aga atá idir an t-oileán mór agus an míntír?" – "dhá mhíle": achar. Ná bíodh aon deabhadh oraibh, tá aga bhur ndóthain agaibh: am. Tabhair aga díolta dhom as so go deireadh an mhí: uain, cáirde. Bhíos ag obair chómh dian san nách bhfuaireas aga ar mo phíp do dheargadh: sos ó obair. Cad é an aga bheidh agat ar do laetheantaibh saoire?: cá fhaid iad? Is mithid domhsa tamall d'fhagháil ar na maididhibh rámha anois, tá siad aga fhada agatsa: seal fada. Cad é an aga chaithis sa phríosún an uair úd? faid aimsire. Ní fada an aga ó bhaile do bhuail an tóirneach úd mar is geairrid aga a bhí idir í agus an splannc: an t-achar as so etc. mar is geairrid an uain a bhí etc. Ní bhíonn aga ithte agam: ní bhfuaireas ar Dia rádh lé m'anam: tángthas go h-obann orm. Tabhair aga innste dhom: beir fada air go gcloisir mo ráidhte. Níl d'aga idir an dá thigh ach leathad an bhóthair: de shlighe. B'fhada leis mar aga fanacht leathuair an chluig leat, bhailigh sé leis: budh mhór leis d'aimsir é. Níl d'aga aoise eatartha ach bliadhain: tréimhse.

aghaidh: *b.* (*g.* aighthe) an chuid thosaigh den gceann – an t-éadan, na súile, an tsrón, an smeigín, na leicne etc. Suidh ar m'aghaidh sall: ós mo chomhair, ós mo choinne. Tá mo bhaile ar m'aghaidh: an baile bheith rómham amach. Gluais ar aghaidh: chun cinn nó mar tá agat dhá dhéanamh. Ar aghaidh, a fheara: chun cinn sibh. Is ar aghaidh Dhún Chaoin siar atá na Blascaodaidhe: ós a choinne, san áird sin. Thuiteas ar m'aghaidh: is í m'aghaidh a bhí fúm. Tógadh an tigh ar aghaidh na gaoithe: san taobh gur mó bhuailfeadh gaoth é. Thugas m'aghaidh ar obair tréis díomhaointis chúig mbliadhan: chromas ar obair. Tabhair aghaidh orm-sa; féach im threó-sa. Seasuighidh aghaidh ar aghaidh: ós choinne a chéile. Ná stad, déin ar t'aghaidh: lean rómhat nó ar an rud atá ar siubhal agat. Dheineas corp ar aghaidh ar an dtigh: chuadhas abhaile gan mhoill gan siléig. Is ar na ráiseannaibh atá aghaidh gach casán a's bóthair indiugh: is ann atá gach aon duine ag triall. Budh ró-lag me mar bhí deichneabhar im aghaidh: ag gabháil díom,

d'iarraidh an lae do bheith aca orm. Thugas fé ndeara lasadh 'n-a aghaidh: go raibh a aghaidh lasta. Budh dheacair dúinn teacht agus an tsíon 'n-ár n-aghaidh: ag teacht as an áird go raibh ár dtriall air. Ná téirigh in aghaidh do mhuinntire: ná déin aon rud ná taithneóchadh leó. "Cad thuillir?" – "púnt in aghaidh an lae": púnt gach lá. Ní rabhas chun deireadh leis thugas buille in aghaidh buille dho: buille ar bhuille, mar thug sé dhom thugas do. Is fada in aghaidh Dé a's na ndaoine é: ag imtheacht dréir a thola féin. Beireann an chearc ubh in aghaidh an lae: ubh gach lá. Mar mhaithimíd dóibh seo a chionntuigheas 'n-ár n-aghaidh: a dheineas cortha orainn. In aghaidh a ndubhart leis ghá chómhairleach gan dul in arm chuaidh sé ann: d'aimhdeóin etc. Thug sé dhá phúnt dom ach 'n-a aghaidh sin do thugas a luach do: i ndíolaidheacht annsan. A dhalladáin, nách bhfeiceann tú do phíp ar t'aghaidh amach? díreach féd shúil. Gheóbhair an t-árus sa chupard ar t'aghaidh isteach díreach: lom díreach gan bheith ar aon taobh. D'fhéachas anuas ó mhullach an tsléibhe agus chonnac loch ar m'aghaidh síos: thíos díreach. Má labhrair ar son na mbocht, ní chuirfead it aghaidh: ní dhéanfad aon chur isteach ort. Bailightear an t-arbhar lé h-aghaidh an gheimhridh lé h-aghaidh an eallaigh: i gcóir an gheimhridh (lé chaitheamh i rith na haimsire sin), lé tabhairt lé n'itheadh don eallach. Cá bhfuil t'aghaidh anois? cá bhfuil do thriall? Ní maith liom aghaidh na h-áite: an chuma atá air. Cad é an aghaidh atá ar an lá dar leat? connus mar chaithfidh sé? A lithéid d'aghaidh bhéil agus thug sí orm: cáineadh, masladh. Is é an suarachas do thugais riamh uait in aghaidh ar thugas-sa: i gcomórtas leis an méid etc. Bíonn feóil le haghaidh proinne againn: mar bhiadh ag an mbéile sin. Cad tá curtha tharat agat le haghaidh deiridh do shaoghail? i gcóir, chun ná beidhfeá ag brath ar aonne. Bhíos chómh holc san gur shaoil gach aonne go rabhas le h-aghaidh báis: ar bhruach báis. Chuir an saor aghaidh ar gach cloich aca: d'ullmhuigh sé iad lé cur sa bhfalla. Tháinig aghaidh bhán ar lé heagla: níor fhan dath na fola 'n-a cheannaithibh. Ní raibh aon fhonn orm teacht chun sibh do chur amach, in aghaidh mo chos do thána: i gcoinnibh. Ní fhéadfadh mo dhícheall an doras d'oscailt, do bhí rud éigin 'n-a aghaidh ón dtaobh istigh: 'n-a choinnibh a's ghá chosc. Áit anscéirdeamhail seadh é, tá aghaidh na mara air: níl cosaint ná foithin ná fásc ann. Tóg aghaidh do chaoraidheachta dhíom-sa: t'aire fiosrachta agus ná bí ghom shíor-chiapadh (ag lorg orm, ag cainnt nó ag cur isteach orm etc.). Bíodh aghaidh an tighe siar: an taobh is tábhachtaighe nó a bhéas leis an bpoiblidheacht. Druid uaim aghaidh an ghunna san: béal. Tá aghaidh na luinge aniar: tosach. Tabhair aire dhuit féin, beidh aghaidh na ndaoine ort má labhrair i gcoinnibh na cléire (dhéinir beart mhaith): aire gach aonne d'fhéachaint cad dhéanfá: nó beid ag freasabhra ort, nó míchéadfadhach leat. Thairng sé aghaidh na poiblidheachta air féin nuair lámhach sé a bhean i bhfuil fhuar: de chionn san bhíodh na daoine ag cainnt air. Scaoil thart an duine malluighthe sin, ná tairng a aghaidh ort: ná déin aon rud a thabharfadh cao dho ar chur isteach orainn (ní h-iontaoibh é). In aghaidh mo thola d'fhág mo chlann me: ní raibh mo thoil dóibh lé n-a bhfágaint. Ná bí in aghaidh réidhtigh choidhche: bí sítheach. Ní fheadfainn a dhearbhughadh gurbh é bhí ann mar bhí sé suidhte agus a aghaidh uaim: ní raibh radharc agam ar a aghaidh, a dhrom a bhí liom (im threó), ach chómh luath agus bhí a aghaidh liom d'aithnigheas gan mhoill é: radharc agam uirthe. A aghaidh chugham, sin é: iompuigh a aghaidh im threó. Dá bhfaighinn aghaidh ort tamall indé bheadh a fhios agat cad é mo mheas ort: cao ar tú d'fheicsint agus labhairt leat. Tabhair t'aghaidh in áit éigin eile: téirigh in áit éigin seachas an áit seo. Níl a h-aghaidh orm le fada: níl aon chion aice orm nó ní chuireann sí aon tsuim ionam, olc ná maith. Ní bheidh sé a bhfad anois mo

thuairm, bíonn a aghaidh ar an dtigh um an dtaca so gach lá: bíonn sé ag triall ar an dtigh, sroicheann sé etc. Ní raibh a aghaidh ar an áit seo le leathbhliadhain, pé cúis atá aige leis: níor fhiosruigh sé sinn. Thóg an fiolar a aghaidh d'Éirinn ar fad: ní lonnuigheann sé ann feasda. Faigh aghaidh an phuill: béal. Caitheann an máirnéalach a shaoghal ar aghaidh na mara: uachtar, ucht. Dubhairt sé lém aghaidh gur bh'fearr leis marbh mé: go dána: ní laistiar dem dhrom do chuaidh sé ghá rádh. Tógfad tigh ar aghaidh na gréine den gcnoc: ar an dtaobh go mbeidh an ghrian ag taithneamh air. Tá tobac le haghaidh na seachtmhaine agam: oiread is sheasóchaidh go deireadh na seachtmhaine: tómhas seachtmhaine. Ní raibh ach uisce le h-aghaidh lae aca: oiread agus dheánfadh a ngnóth ar feadh na haimsire sin. Ná téirigh ann lé h-aghaidh toirmisc: má's fonn troda atá ort fan as. Náire na haghtha: leig dom, a dhuine, a lithéid d'uain ní rug riamh orm lé masla is lé tarcuisne. Thug sé náire na h-aghtha dhom: náire dhearg. An mbeadh sé d'aghaidh ort, a bhacaigh, dul isteach i dtigh ósda mar é sin: de dhánaidheacht ionat. An rud go dtugaim m'aghaidh air críochnuighim é: a chuirim rómham do dhéanamh. Níl aghaidh ná tón ar an rud so: aon rud míochúmtha nó nách féidir do thuigsint nó teacht air chun a réidhtighthe. Níl aghaidh ná tón ar an gceist. Ní fheaca aghaidh mhacánta ann: oiread agus duine go raibh clódh macánta air. Ná teasbáin t'aghaidh go deo airís annso: ná feictear annso thu.

aghaidh-áluinn: *a.* clódh áluinn uirthe. Mná aghaidh-áilne seadh ár mná-na: áilneacht 'n-a n-aighthibh.

aghaidhbhéasach: *a.* béasa lé tabhairt fé ndeara i ngnúis. Cé chréidfeadh go mbeadh fear aghaidhbhéasach mar é chómh borb: fear gur dhóigh leat ar a ghnúis go mbeadh béasa aige.

aghaidhdhána: *a.* clóchaiseach, neamhthámáilteach, deiliúsach. Tréis casóige a máthar do chur i ngeall dóibh nár aghaidhdhána dhóibh a rádh léi nách raibh tigh gill ar an mbaile ná cuardóchaidís di: nách aca bhí an misneach agus an neamhnáire. Tréis me d'eiteach trí huaire do chuadhas ag lorg airís go h-aghaidhdhána: gan aon támáilteacht ná faitchíos orm. Nárbh aghaidhdhána dho dul ag stiúradh báid, rud ná rinne sé riamh roime sin: úghdarásach, deiliúsach. Do bhí coróin agam air lé mí agus go h-aghaidhdhána loirg sé airís orm: gan allus gan náire: gan aon iongadh thríd air.

aghaidhfidil: *b.2.* clúdach don aghaidh, púicín, folachán, cinn-aightheacha púca. Cuireann aosánaigh aghaidhfidilidhe ortha féin lá an dreóilín nó nuair a théighid ar bhainis ar cuireadh gan iarraidh, chun iad féin do chur as aithne: clúdach foluighthe.

aghaidh-náireach: *a.* támáilte, cúthail, scáthmhar. Druid isteach ameasc na ndaoine, ná bí aghaidh-náireach: ghod scáthadh féin. Táim chómh h-aghaidh-náireach san os cómhair an chruinnighthe seo ná tagann mo theanga liom chun cainnte: támáilte, neamhdhána. Nách mé bhí go haghaidh-náireach nuair rug an mháthair orm ag pógadh a hinghine: an náire lé feicsint im ghnúis.

agairt: *b.3.* (*-artha*) díoghaltas, cúiteamh, cúisiughadh; áiteamh. Ná bí ag agairt do dheidheanaighe orm san éagcóir, ní mé is bun leis: ná bí ghá chur im leith nó d'iarraidh sásaimh do bhaint díom as. Cailleadh an bád a's bhíothas ghá agairt ar an gcaptaen: ghá

chúisiughadh, ghá chur air gur bh'é bhí cionntach leis. Beidhfear ag agairt orainn gur theip ár scoláiridhe: beidhfear ag fagháil an lochta orainne. B'é agairt Dé é gur scriosadh an drochchathair: díoghaltas Dé. Níl aonne agam a dhéanfadh agairt i gcúirt dom: a dhéanfadh labhairt nó aighneas ar mo shon. Ní fearamhail an agairt leanbh do bhualadh mar gheall ar ubhal do ghoid: cúiteamh do bhaint amach. Dligheadóir ag agairt do chúise dhuit: ag aighneas ar do shon chun comhthruim d'fhagháil duit.

agallaim: *b.a. 7 n-a.* cainntighim, aithchim, áitighim, déinim cómhrádh lé. Ná h-agall duine iasachta choidhche ach mar is lugha is éigean duit: ná cainntigh é. Ghaibh sé tharm ar an mbóthar ach níor agall sé me: níor labhair sé liom. D'agallas óm chroidhe é bheith carthanach leis an nduine bocht: d'impidheas é, d'iarras go dúthrachtach air etc. D'agall sé orm go mbíonn sé n-a lán mara ar an uain gcéadna in Áth Cliath agus i Luimneach: d'áitigh sé orm é. Leigidh-se dho féin, mar chuirfeadh sibh buile air, agallóchad-sa é: déanfad-sa comhrádh leis. Sar ar chuir na bitheamhnaigh aon churisteach orm d'agalladar me sráid áirighthe do thaisbeáint dóibh: chuireadar cainnt orm. Ar feadh an turasa so ar fad ó Áth Cliath go Corcaigh d'agallamair a chéile, mise agus an duine iasachta: rinneamair comhrádh lé chéile. D'agalladh Pádraig agus Oisín a chéile i dtaobh creidimh a's pagántachta, duine aca ag treasughadh ar an nduine eile: d'áitighidís (dhéinidís) argóint in aghaidh a chéile.

agallamh: *f.1.* cómhrádh, cómhchainnt, diospóireacht. Agallamh Oisín agus Pádraig: an diospóireacht a thárla idir eatartha. Chaitheadh an t-Athair Pádraig is me féin na tráthanna ag agallamh na Gaedhilge: ag cur cúrsaidhe na Gaedhilge trí chéile. Má tá fonn oraibh an fear do shaoradh ó bhádhadh is mithid stad d'agallamh agus iarracht do dhéanamh: de dhiospóireacht connus an gníomh do dhéanamh. Ní bhíonn puinn deithinis air chun aon ghnótha, níor mhisde leis leanbhán d'agallamh ar an slighe: cómhchainnt do dhéanamh leis. Fan, is mian liom tú d'agallamh, a dhochtúir, i dtaobh mo shúl atá an-thinn: labhairt leat 'n-a taobh.

agarthach: *a.* díoghaltaiseach, spídeach; ceanamhail ar dhul chun dlighe; cúiteamhach. Nách agarthach é agus rud chómh suarach le hargóint do bhreith chun a chuimhnte tréis deich mbliadhan: neamhmhaiteach. Ná bí agarthach orm ar aon nidh do dheineas lasmuigh dem thuigsint: ná bíodh fonn díoghaltais ort chugham. Ná bíodh aon chúis ag Tomás ort má fhéadair é mar is duine agarthach é: budh bheag aige thu do thabhairt chun na dlighe. Ná bí agarthach ar na leanbhaidhibh gan chiall: ná bí d'iarraidh sásaimh do bhaint díobh as chiontaibh beaga, seafóideacha.

ágartach: *a.* faid-loirgneach. Fear árd, ágartach: duine faid-loirgneach. Ní fhéadfadh aon neart do bheith san ágartach: fear gur cosa an chuid is mó dhe. Chamfadh an t-ualach trom san do chosa, a ágartaigh: a dhuine na gcos bhfada, gcaol, lag.

agarthóir: *f.3.* aighneastóir cúirte, eadarghuidhe, fear teasardhan, éilightheóir, gearánaidhe. Ní h-iongadh liom gur theip ort mar b'olc an t-agarthóir a bhí agat: dligheadóir. Leigidh do Shéamas bheith n-a agarthóir ag cainnt leis an dTeachta Dála mar is é is líomhtha teanga: bheith n-a fhear labhartha. Má tá eagla nó náire ort dul chun cainnte leis déanfad-sa agarthóir duit: béad-sa mar eadarghuidhe agat. Níor chreid an

breitheamh focal ón agarthóir, mhol sé an chúis don gcosnach: ón té a thug an chúis ós a chómhair. "Agarthóir maith dhuit féin seadh thu" deirtear lé duine a bhíos d'iarraidh a mhaitheasa féin do chur chun cinn gan cuimhneamh ar chách. Ní agarthóir go líomhthacht teangan.

agó: *f.4.* amhras, dearmhad, constaice, coingheall, gan snas. "Beir ann ag feitheamh liom?" – "ó, bead gan aon agó": gan amhras: níl ná ní bheidh aon leithscéal agam. Ní hé sin, a Shéamais, an scéal atá ag Tomás ar an ócáid, is eagla liom gur chuiris agó éigin ann: casadh, iompódh. Gheóbhair uaim an t-airgead, ach bíodh d'agó ann, go gcaithfir im thigh é: de choingheall. Innis do scéal gan agó: gan aon rud do chur leis. Ní raibh ach aon agó amháin lé n-a bpósadh, an spré: aon chosc nó constaice amháin.

agrach: *a.* feic **agarthach**

agraim: *b.a.* cúitighim, dioghalaim, áitighim, impidhim. Ní agróchad choidhche ort mo shúil do dhubhadh mar ná raibh aon choinne agat leis: ní chúiteóchad ort é: ní chuirfead a mhilleán ort. Nár agraidh Dia mo pheacaidhe orm, is iomdha drochchoir déanta agam: ná raibh cúiteamh ag Dia asam. Féach, agair t'fhearg ar dhuine éigin eile, ní raibh lámh ná ladhar agamsa i mbriseadh do dhorais: cuir t'fhearg 'n-a luighe, bain sásamh de dhuine éigin eile seachas mise. Agair do dhíoghaltas orm anois, má tá sé de mhisneach agat: déin do dhícheall orm chun cúitimh do bheith agat. Ar feadh na hoidhche uile d'agair sí Dia ar a glúinibh a mac do bhreith saor chúiche ón gcath: d'impidh sí go dúthracht, díoghraiseach. Agraim a's guidhim thu, a Dhia Mhóir na Glóire, go raibh an leabhar so go maith: iarraim óm chroidhe ort do bheannacht do dhortadh air. Sínte sa díg a's gan ionam éirghe d'agras cóngamh ar bheirt do ghaibh an bóthar: d'iarras ortha go díoghraiseach. Muna bhfaighim cíos an tighe uait-se agróchad ar do dhreatháir é: éileóchad air é. Ní agróchad aon nidh ar aonne gan bheith deimhnightheach de é bheith cionntach: ní bhainfead sásamh etc.: ní éileóchad cúiteamh nó sásamh. Má's dóigh leat go bhfuil cúis agat orm agair sa chúirt orm é: éiligh os chómhair breithimh é.

agrathóir: *f.3.* éilightheóir, cáinteóir, iarrthóir. Dob é an t-agrathóir bacaigh é is feárr dár iarr faic riamh orm: dob fhearr chun é féin do chur in iúil. Is cuma connus dhéanfainn aon nidh dhuit bheidhfeá it agrathóir: it cháinteoir. Bí muinghineach go bhfaighir a bhfuil uait mar tá agrathóir maith agat: fear troda ar do shon, fear cirt do bhaint amach.

agruighim: *b.a.* feic **agraim**

aguisín: *f.4.* breis bheag; áidhbhéis; áidhbhéil. Ní dóigh liom ná go bhfuil aguisín curtha agat léd scéal: breis (nár thárlaidh). Dá mbeadh aguisín sa ghloine bheadh sí lán: beagáinín i dteannta an méid atá innte nó i dteannta an chirt. Cuirfead foclóir mar aguisín leis an leabhar: mar bhreis. Chuir gach aonne a aguisín féin leis an scéal go dtí ná creidfeá in ao'chor sa deireadh é: gach aonne ag cumadh a's ag cur leis. Cuir uait na h-aguisínidhe: bí luath gan bheith ag cumadh asat féin. 'N-a aguisín a's 'n-a aguisín do chuireas troscán im thigh: beagáinín anois agus beagáinín airís: uidh ar n-uidh.

agus: (**a's, is, 's**) Sin fear agus gunna aige: fear go bhfuil gunna 'n-a sheilbh. An amhlaidh go labharfainn id choinnibh agus cion agam ort: faid atá cion agam ort, nuair meáidhtear go bhfuil cion agam ort. Dé bheatha-sa agus rud agat: is tusa (a dhuine sin) go bhfuil fáilte rómhat, ó tá rud agat. Seo chugham é agus áthas air: do bhí áthas air. Nílim cómh dealbh agus bhínn, a bhuidhe le Dia, tá mo dhóthain agam: mar bhínn. Itheann an t-ainmhidhe chómh maith agus itheann an duine: díreach mar; ní mór do itheadh leis. Is ionann a trí agus a dó agus a cúig: an mhéid chéadna seadh iad. "Coisidhe maith seadh Tadhg ach is feárr de choisidhe Liam" – "ní h-ionann agus": is fearr go mór. "Cad é an méid airgid atá agat?" – "níl oiread agus feóirling agam": oiread an méid sin. Nuair cuireadh féachadh dochtúra air is amhlaidh a bhí sé agus trí h-easnadhacha briste ann le fada: sin í an aiste a bhí air. Is é cuma fuairtheas é, 'n-a chodladh agus a cheann anuas ar an mbórd: lé n-a cheann etc. "Tabhair deoch dom, tá tart orm" – "tabharfad agus fáilte": gan amhras tabharfad. "An bhfuilir deimhnightheach go bhfeacaís an fear so ag caitheamh na gloine ort?" – "táim agus é": gan aon amhras ar domhan: deimhnightheach, dearbhtha de. "Cad é an siar ná aniar atá ort, an íosfair an biadh so?" – "íosfad agus é": ná bíodh aon amhras 'n-a thaobh agat (is cuma cad tuigtear d'aonne). Droich-ghéag dob eadh an fear a bhuailfeadh tú agus tú breóidhte: breóidhteacht do bheith ort, gidh tú bheith breóidhte. Thugas mo chasóg bháistighe liom ar eagla agus go mbeadh sé fliuch: d'eagla go mbeadh. Tháinig buile orm fá rádh agus go mbeadh na daoine ghod cháineadh tréis ar dheinis dóibh: toisc. Mar shúil agus go mbeadh sí i gcleamhnas leis cheannuigh sé fáinne dlúth dhi: i ndóchas go etc. Ar son Dé agus cosain me ar an bhfear buile seo: ná teip me do chosaint. Agus a raibh déanta aige as an slighe aige is beag an braighdeanas do cuireadh air: nuair mhachtnófí ar na rudaidhibh a bhí déanta aige. Is deacair an plúr so do lochtughadh agus a ghile atá sé: cómhartha maith seadh a ghile. "Tú féin agus do bhróga", déarfá san ag fagháil lochta ar dhuine toisc a bhróg, dá satluigheadh ort cuir i gcás. Tugaim mo pheann do dhuine, ach ní oibrigheann sé dho, síneann chugham é agus deir go míchéadfadhach: "tú féin agus do pheann". Dá bhfeictheá bean agus hata uirthe ná taithneóchadh leat déarfá: "í féin agus a hata". Bhuail an long 'sa last ar an gcarraig: bhí last innte le linn buailte dhi. Bhuail sí féin (an long) agus a cuid anairte an cuan isteach: a seólta uirthe ar an am san. Agus dá mbeadh airgead agam cad é sin duit-se é? fiú amháin dá mbeadh. Is ait liom nár éirigh leis agus a fheabhas a bhí sé ar scoil: nuair chuimhneófá ar a fheabhas etc. Is truagh gan mo laetheanta saoire agam agus an aimsir chómh breágh: i dtaobh na haimsire: ós rud go bhfuil etc. Ní ceart duit dul amach agus slaghdán ort: toisc go bhfuil. Caithfead oibriughadh agus me pósta chun soláthar dom thigh: nuair bhím pósta, toisc mé bheith. Agus an saoghal mór do chur chuige ní féidir é do chlaoidheachtaint: dá mbeadh an saoghal ar fad 'n-a aghaidh etc. "Gheall sé go mbeadh sé annso ar a deich, is eagal liom go mbeidh sé déidheanach" – "ní bheidh súd déidheanach agus mise annso": mise in urradhas air. Is deas go deimhin an déanamh do fuair sé, é do chaitheamh amach agus a ndearna sé riamh dóibh: tréis, d'aimhdheóin a ndeárna. Mise agus mo chroidhe ag eiteallaigh agus gan a fhios agam cad é an uair a déarfadh seo leó - sin é an fear atá uaibh: sé aiste a bhí orm go raibh mo chroidhe etc. Buidéal agus beathuisce ann; bád agus maididhe rámha innte. Talamh agus gan aon churadóireacht air leis na bliadhantaibh: talamh nár saothruigheadh. Agus a aoirde do labhras níor chualaidh sé me: dá aoirde. Bean agus hata uirthe: ag caitheamh hata. Chonnac fear agus capall fé: ag marcaidheacht ar chapall. Bórd agus trí cosa fé seadh é.

Fear agus an bás agat seadh thu: ní fada uait an bás. Fear agus bean uaidh, bíonn sé buartha: fear ar lorg mná.

áibhé: *intriacht* mochean! go mbeannuightear do. "Abair ár nAthair atá ar neamh agus trí Áibhé Mháire le h-anman na marbh gach maidin": go mbeannuightear duit, a Mhuire etc.

aibeamhail: *a.* oireamhnach lé baint, foirbhthe i bhfás, ar an stáid is feárr; oireamhnach chun áise do bhaint as; eascartha go hiomlán; tagtha nó curtha dréir shlighe nádúrdha ar aiste lánchríochnuighthe, beódha, bríoghmhar; fuar (an aimsir). Ní haimsir aibeamhail do bharraidhibh í seo: níl sé de nádúir innte iad d'eascar go mbí réidh le baint: go mbí toradh ionta, agus é oireamhnach lé caitheamh. Bliadhain aibeamhail seadh í: de bhuaidh nádúrdha aice toradh do chur i gcuradóireacht. Talamh aibeamhail: talamh go dtagann gach fás ann chun tortha gan puinn saothair. Bheadh sé aibeamhail go maith, dá mhacántacht a thaidhbhsigheann sé, ar a luighead cúise: b'fhuraiste fearg do chur air. Ná bí aibeamhail: soifheirge. Sar ar bhuaileadar a chéile do labhradar focail aibeamhla lé n-a chéile: focail bhorbha, fheargacha. Dá mbeidhtheá ní b'aibeamhla it óráid raigheadh sí 'n-a luighe níos mó ar do lucht éisteachta: níos bríoghmhaire. Chómh haibeamhail sin na h-ubhalla gur thuiteadar den gcrann: fásta, foirbhthe: ní raibh tuilleadh fáis ná feabhasa ná breise lé déanamh aca. Aimsir ró-aibeamhail do dhuine mar mé nách bhfuil ar fóghnamh seadh í: ró-dhian, ró-fhuar.

aibeamhlacht: *b.3.* aibidheacht. Ní lé n-a aibeamhlacht atáim ag baint an choirce ach go bhfuil sé luighte: ní h-amhlaidh go bhfuil sé aibidh in ao'chor ach ó tá sé sínte ar an dtalamh tosnóchaidh sé ar lobhadh. Nuair bhíonn grian láidir agus triomach ann bíonn aibeamhlacht ann: tagann an gráine chun iomláine: tagann pé fás é chun aoirde a láin agus oireamhnachta chun a bhainte. Budh cheart duit aire do thabhairt duit féin ar aibeamhlacht an chapaill óig sin: a bheódhacht, a anamamhlacht, a mhire. Níor mhaith liom aon nidh neamh-mín do rádh leis an nduine sin lé n-a aibeamhlacht: lasántacht; é bheith ar bhruach buile no feirge.

aibhéis: *b.2.* an fharraige dhoimhin, dabhgán, gan thón. Nuair buaileadh an Liúsaitéinia níor bh'fhada go raibh sí ag dul in aibhéis: go tóin puill atá an-dhoimhin. Muna bhféachair chughat féin agus gan bheith chómh caithteach ní fada ná go mbeir in aibhéis: i bpoll doimhin nách féidir leat teacht as.

aibidh: *a.* lánfhásta agus tagtha chun tortha, chun síl, chun gráinne; beódha, tapaidh, mear; réidh chun a chaithte; lasánta, réidh nó oireamhnach lé baint, iomlán fáis nó aiste; ullamh lé n-itheadh, iomlán de bharr fáis nádúrdha no aimsire; beó, bríoghmhar; lasánta, droichmhianaigh, míoruthagach. Ní duine oireamhnach i mbeart phoiblidhe é mar a mbeadh foidhne riachtanach, tá sé ró-aibidh: ar a luighead cúise raigheadh sé chun feirge. D'aithneófá ar shúil aibidh an cheannurra gur shaighdiúir mhisneamhail é: súil anamamhail, bheódha, ghéar. Ar shúil aibidh an chapaill sin tá mianach maith ann: an chuma bheódha, anamamhail atá uirthe chuirfeadh i gcéill duit go bhfuil an mianach ceart ann. Taidhbhsigheann sí go maith ar an árdán, bíonn glioscarnach 'n-a súil aibidh: súil mhear, ghéar. Níl aon ghnóth ag fear aibidh deoch do thuiteam air: an té a bhíos lasánta, teasaidhe. Ní cuideachta inmhianta é bíonn sé ró-aibidh fé n-a chuid cainnte: deir sé

rudaidhe go ceannuaiscneach, gan bheith faidtheadhlach: ní bheadh a fhios agat cathain sceinnfeadh cainnt bhorbh nó neamhoireamhnach uaidh. Nuair bhíonn barraidhe aibidh bíd oireamhnach le baint: nuair bhíonn siad lánfhásta agus a dtoradh nádúrdha ionta. Ainmhidhe aibidh ar bhóthar é sin agat: tapaidh, mear, éascaidh. "A Shéamais," ars an bhean go raibh gaol aice leis, "cuireann tú náire orm, a rud shuaraigh" – "má's salach í an lúidín (Séamas féin) is den láimh (an mianach céanna) í!" Freagra aibidh dob eadh é sin: deisbhéalach, tapaidh. Níl an coirce aibidh fós, tá glaise i gcuid de: oireamhnach le baint. Beidh na prátaidhe aibidh i gcionn seachtmhaine: beidh aiste sroichte aca ná fásfaidh a thuille. Is minic a bhí ubhalla níos aibeamhla sa gháirdin ná iad-so atá leathghlas fós: ubhalla níos oireamhnaighe lé n-itheadh. Is fearr ubhalla glasa ná ubhalla aibeamhla le beirbhiughadh: ubhalla go mbíonn an fás nádúrdha ar fad tagtha ionta. Tá cuma aibidh ag teacht ar an lá, gaoth agus fuacht chughainn: géar, olc. Lá aibidh seadh é: glas nó fuar, agus fiadhain. Is beag an chúis do thabharfá dho go labharfadh sé go h-aibidh leat: go lasánta, feargach. Leig do féin, ná cuir aon chaduaic air, mar fear ró-aibidh seadh é: fear is furaiste do chur chun feirge. Do labhair sé aibidh go maith nuair baineadh é: bríoghmhar, teasaidhe. Ná bí aibidh: bí foidhneach. Duine ró-aibidh seadh thu lé h-argóint do dhéanamh: nílir faidtheadhlach do dhóthain. Chuirfeadh a shúil aibidh eagla ort: súil anamamhail, beó. Do thuiteas i ngrádh lé n-a súil aibidh: féigh, neamhshocair, súil go gcuirfeá tuath innte, súil do chorróchadh thu. Is deacair bheith maith a dhóthain dó in argóint, tá sé aibidh: fáidheamhail, tapaidh, mear lé freagra do thabhairt. Thug sé freagair aibidh gach uair ar an atúrnae: freagra mear, gonta. B'fheas dom ná mairfeadh an t-éan, mar tógadh as an nid é sara raibh sé aibidh: sara raibh an clúmh fásta in iomláine air. Thug an bheirt dhóirneálaidhthe fé n-a chéile aibidh go maith: d'ionnsaidheadar a chéile go fíochmhar, dubhluighthe. Dá me thu, ní leigfinn an chneadh san mar níl sí aibidh fós: tagtha chun cinn go mbíonn an t-othar buidhe innte. Nuair bhíonn barraidhe gráine ró-aibidh sileann siad: dulta thar am bainte. Tá barra aibidh ar an snáthaid: barra (barr) géar, caolrinn.

aibidheacht: *b.3.* oireamhaint lé baint, aiste iomlán fáis ó nádúir nó aimsir. Do shil an chruithneacht lé n-a h-aibidheacht: ní raibh tuille fáis lé déanamh aice, agus do thuit an gráine den léis (déis). Níl aon aibidheacht san aimsir, níl aon ghrian ann: teacht chun iomláine fáis. Do mheall sí na céadta le h-aibidheacht a súl: beódhacht, anamamhlacht a súl: lé n-a rosc claon. Dá mbeadh an aibidheacht cheart sa bhraon (othar) san do lannsálfadh an dochtúir é: go mbeadh sé oireamhnach.

aibíd: *b.2.* éide, fallaing don mharbh. Ní fada ón aibíd é: ó bhás. Cad fáth go mbeinn ag bailiughadh airgid ní gnáthach pócaidhe ar aibíd: ní thugann aon nidh a chuid 'on uaigh leis. Dá mbeadh an aibíd air ní bheadh sé chómh drochchrotach agus tá sé: dá mbeadh sé marbh ní bheadh cuma chómh mílítheach ar. Ní fada ón aibíd é, féach an dath atá air: ní fad ón mbás é. Ní culaith (éadaigh) í sin ach aibíd: éadach ná bíonn déanta go maith: neamhchórach.

aibhleóg: *b.3.* teine chreasa, spréacha mar bhaineann crúidhte capaill ar chlochaibh cruaidhe; splannc dhearg ag léimeadh ar adhmad, nó móin, nó gual ag dóigheadh. An teine agus aibhleóga ag teacht aiste: spréacha dearga ag léimeadh aiste. Nár mhór an siubhal a bhí fé go raibh aibhleóga ag imtheacht ó n-a bhonnaibh: splanncacha beaga.

aibhneach: *a.* go mórchuid abhann, uisceamhail. Tír aibhneach seadh Éire: tá mórán abhann innte. Talamh aibhneach seadh an riasc íseal so: uisceamhail. Ní ceanntar aibhneach é seo: níl mórán abhann ann. Tréis na báistighe ar fad tá cuma aibhneach ar an bparóiste: tá srutháin uisce in áiteannaibh nár ghnáth uisce do bheith.

aice: *b.4.* (*g.* aice) cómhgaracht, cómharsanacht, athchomaireacht, farradh; teannta. Suidh im aice: suidh lém ais, im chómhgar. Fan in aice an bhaile: ná téirigh rófhada: ná tabhair iarracht ar éachtaibh do dhéanamh ar eagla. Cá bhfuil na fir a bhíodh eadrainn? táid imthigthe as aice: i gcéin. Seo gunna dhuit do choimeádfaidh bitheamhnaigh as aice do thighe: i bhfad ód thigh. Is furaiste fuineadh in aice na mine: san áit go mbíonn sí: is furaiste do dhuine rud do dhéanamh agus an cumas aige air. An rabhais in aice an tighe ó mhaidean: ar thugais aon chuaird air? Bean mhaith in aice an bhídh seadh í: tá sí fial fén mbiadh. "Is fearr suidhe in aice 'ná suidhe in ionad" (seanfhocal): is fearr gan do chuid ar fad do chaitheamh in aonfheacht ar eagla go mbeadh ceal ort. In aice na cathrach atá Beann Éadair: tamall gearr ón gcathair. Cé bhí 'n bhur n-aice nuair dhearbhóchadh go rabhabhair ann? in bhur gcuideachtain. It aice b'fhearr liom bheith: in aonfeacht leat: it chuideachtain. Ma tá ciall agat ná tair 'n-ár n-aice: ná bíodh aon bhaint agat linn. Tá an bhliadhain in aice na Nodlag: ní fada ón Nodlaig é. In aice na Cásca do phósadar: tímcheall etc. Is súgach an duine in aice na dighe é: mar a mbíonn an deoch ar siubhal. Ní mór ná gur bhuail an t-urchar me, tháinig sé in aice dhom: i ngiorracht dom. Níl sé in aon aice don dachad bliadhain: i bhfogus do. Seo púnt duit, agus ar eagla ná beadh do dhóthain ann dhá scilling 'n-a aice: 'n-a bhreis air. "Is fearr de scoláire Tomás ná Brian" – "éist, ná bí ag magadh fút féin, níl Tomás in aon aice dhó": is fada é ó bheith chómh maith lé Brian. Cé déarfadh i dtosach na bliadhna 1914 go rabhamair in aice cogaidh mhóir: go raibh sé buailte linn. Tá an bhean in aice clainne: ní fada go saoghalóchaidh sí bunóc. Beidh an bhó in aice gamhna lá Samhna: i mbéal bheartha. Mara sheachnuighir tú féin fógraim ort go bhfuilir in aice dho: tarlóchaidh rud éigin duit nách maith dhuit. Suidh in aice na tine: cois, le h-ais, i gcómhgar na teine. Fan in aice an bhaile leis an árus dearóil sin: i gcomhgar: ná téir achar ró-fhada ón mbaile. Gheóbhadh sé a dhíol mná in aice an bhaile aige: san gcomharsanacht. Is ait sin ní bhfaighim mo chasóg in aon áit, shaoileas go raibh sí ar aice: in áit éigin geairrid dom. Níl an scian ar fagháil, tá sí as aice: gan bheith cómhgarach. Ní maith liom tu, suidh as m'aice: suidh in áit nách bhfuil cómhgarach dom. Tiomáin an t-asal san as aice mo ghuirt: ó athchomaireacht mo ghuirt. Fuair an fear bocht bás amuigh sa choill gan aonne 'n-a aice: gan neach chun cabhartha do thabhairt do. Leag t'ualach in aice an dorais: cómhgarach, geairrid don ndoras. Thugas an oidhche ag tabhairt aire don nduine breóidhte, gan duine beó ach é im aice: im fharradh, im chuideachtain. Seachas tusa cé eile bhí 'n-a n-aice? in a bhfochair. "Is furaiste fuinneadh in aice na mine": is furaiste caitheamh san áit go mbíonn flúirse. "Ól é seo" – "ólfad. Faid saoghail chughat, mhuise, in aice do shláinte": maidir lé sláinte mhaith. Ná druid im aice: fan uaim amach. B'fholláin do go raibh airgead n-a aice mara mbeadh san budh bheag an meas a bheadh air: airgead do bheith aige do fuair do pé meas beag a bhí air.

aiceanta: *a.* nádúrdha. Níl aon namhaid aiceanta ag an ngarsún scoile ach an múinteoir dar leis: do shíor n-a namhaid aige. Namhaid aiceanta na n-ubhall an sioc: is é sin is

measa dhóibh. Namhaid aiceanta na gcnámh na dathacha: is iad na dathacha is mó chuireas tinneas agus clampar ar chnámhaibh an duine. Níl aon namhaid aiceanta aige ach na Gárdaidhe: sin iad a aon namhaid. Ól é sin, a bhuachaill, sin é an beathuisce aiceanta: gan truailliughadh, gan lagughadh. Fíon aiceanta: fíon ar fad é. Té aiceanta: láidir.

aicíd: *b.2.* breóidhteacht, galar, galar tógálach; breóidhteacht, ceasnaidhe, easláinte; ceal suaimhnis, aiste nó stáid neamhfholláin. Chuirfeadh an biadh seo aicíd ionat lé n-a olcas: chuirfeadh sé ceasnaidhe chómhnaidhtheach ort. Ní fuláir nó is aicíd éigin atá air agus é bheith chómh fada san 'n-a luighe: breóidhteacht a leanas abhfad. Daoine ná raibh buan dob eadh iad bhí aicíd éigin ionta: easláinte dúthchais. Aicíd thógálach seadh bruitíneach: aicíd a raigheadh ó dhuine go duine. Tá aicíd éigin anuas ar an saoghal indiugh: cogaidhe ag baint a meabhrach des na daoinibh: mío-ádh leanamhnach. Cad é an aicíd atá ort ná fanfadh socair? an donas: cad tá os do chionn etc.? Tháinig aicíd ar an gcuradóireacht gur loibh gach rud sa talamh: mío-fholláine. Aicíd ar mar shioc, cuireann sé na dathacha so lé fiadhantas orm .i. mo mhallacht air. Aicíd uirthe dob é ná féadfadh sí staonadh ó ghadaidheacht: iomard, locht ná raibh ar a cumas do sheachaint. Chuir an fliuchán aicíd im chnámhaibh: galar nách féidir do leigheas. Ná bíodh sé d'aicíd ort uaireadóir an duine iasachta do chailleamhaint: de mhío-ádh: is tinn duit má chaillir. Sin í an deoch a mhúsclóchadh an aicíd ionat: a ruaigfeadh fuacht a's tinneas asat. Dúnadh scoileanna an cheanntair toisc na h-aicíde a bhí fóirleathanadamhail: ceal sláinte na scoláiridhe. Tháinig aicíd ar na caoiribh nár mhair a gceathramha cuid: breóidhteacht choitcheann. Níor bh'aon iongadh aicíd do theacht ar na daoinibh tréis na gorta de cheal bídh: breóidhteacht fhóirleathanadamhail. Aicíd dhoichneasuighthe seadh an eitinne eaglach: galar nó éislinn nó easláinte. Sé rud a thosnuigh leis a chos do ghearradh shroich an mháchail an cnámh a's dhein aicíd de: neamhfholláine fhada, leadaránach. Chuir an fuacht an bhochtanacht san t-ocras aicíd ionta: easláinte leanamhnach. Nách caithte, croithte an fear é ní fuláir nó tá aicíd éigin ann: máchail shláinte. Deir na dochtúiridhe go raibh cliabh-aicíd éigin ann, a's cé a chreidfeadh é? Aicíd coimbearta, dual ó n-a mhuinntir. Aicíd go dtagaidh ionat mar chat (a ól mo chuid bainne): go dtagaidh galar mall, marbhthach ort. Ná fanfá socair, cad é an aicíd atá ort? cad é an rud atá ort nách féidir leat fanacht socair? Aicíd ar aonne a thabharfadh cabhair duit; mío-adh. Ní fheiceann sé go rómhaith tá aicíd súl air: rud éigin fad-sheasmhach olc ar a radharc. Thuit an t-anam go h-oban as, do bhí aicíd croidhe le fada air: neamhfholláine croidhe: theip do chroidhe air.

aicídeach: *a.* go n-aicíd, galarach, easláinteach, direóil, clamparach, donasach, mío-ádhmharach, dochrach. Níl aon dúthaigh is neamhaicídighe do dhuine 'ná a dhúthaigh féin: is lugha go mbeadh drochshláinte aige innte. Má cuirtear síol aicídeach ná bíodh súil le toradh maith: síol lochtach. Rud éigin ghá chlipeadh an uile lá, is aicídeach an duine é: clamparach, mío-ádhmharach. Scoil aicídeach seadh an seanbhathalach san: níl sé sláinteamhail do leanbhaidhibh scoile. Ní íosfainn na hubhalla aicídeacha san ar a bhfeaca riamh: ubhalla go mbíonn fochal ionta: lochtach. Féar aicídeach a fhásann ar an oileán san: aon ainmhidhe d'íosfadh é chuirfeadh sé aicíd nó easláinte ann. Aimsir aicídeach seadh í, fliuch, aindeis, garbh, neamhghrianach: aimsir dhona go bhfuil daoine breóidhte dá cionn. Is tú an duine is aicídighe dá bhfeaca riamh, ceasnaidhe éigin ort i gcómhnaidhe: duine is easláintighe ná thu etc.

aicídeach: *f.1.* duine go mbíonn galar fada air, duine breóidhte, othar, éiglidhe. Tógfar osbuidéal ar thaobh an chnuic d'aicídeachaibh: do dhaoinibh a bhíos easláinteach ar feadh abhfad. An ndéarfá gur aicídeach é, níl mórán fola 'n-a leacain? gur duine léige é. Chaith an dochtúir na bliadhanta ar oileán uaigneach ameasc aicídeach: daoine go raibh ceasnaidhe áirighthe mar eitinne nó aillse. Aicídeach leapan dob eadh é ar feadh na mbliadhan: duine faidbhreóidhteach nár fhág a leabaidh. Níl anam ná fuinneamh ionta ach cuma aicídigh ort: cuma mar bheadh ar dhuine go mbeadh ceasnaidhe bhuan ar a shláinte. Tógadh otharlann in áit fholláin ar mhullach an chnuic agus cuireadh na h-aicídigh ann: na daoine go raibh gearán olc, fada ortha.

aicillidhe: *a.* ealadhanta, eólgaiseach, cúramach, aireach, réidh, cliste, cneasta, lúthmhar. Dá aicillidhe bheidhfeá lé gloine gheóbhadh sí an ball ort: dá airighe brisfí det aindeóin í. Do dhathuigh sé peictiúir m'athar go haicillidhe: go h-ealadhanta, cliste. Cuir an boighte go h-aicillidhe ar do dhubhán agus ná tuiteadh sé, mar tá sé anbhog agus leághfadh sé id mhéireannaibh. Fuaigh go haicillidhe mar tá do shnáithín an-lag: réidh, aireach. Siubhaluigh go haicillidhe ag dul go dtín doras nó cloisfear thú: ná déin aon ghlór, bí ciúin id chéim. Mo dhá ghradhain thu is aicillidhe an lascadh thugais don gcaid: cliste, eólgaiseach. Staighre anchumhang seadh é, bí aicillidhe leis an dtolg nó buailfidh sé ar rud éigin: bí aireach, cúramach agus cliste. Rothaidhe aicillidhe seadh é, féach na clis a dheineann sé: eólgaiseach. Cuireann sé cloch i bhfalla chómh h-aicillidhe lé h-aon tsaor gidh gur tuata é: cuireann sé clocha go cliste, ceart. Bí aicillidhe leis an nglas san is deacair é d'iondrabháil: ná himir iomad nirt air, tabhair aire dho. Léim sé go haicillidhe as an ngluaisteán agus é dul isteach 'on abhainn: go lúthmhar, cliste. Buachaillidhe aicillidhe ar chamán seadh buachaillidhe Chille Cainnigh: cliste ar é do chasadh. Bíonn daoine i dtíorthaibh lasmuigh aicillidhe lé saighead: cruinn, aimsiughadh maith aca. Ní mór ná gur cómh-aicillidhe an dá láimh aige ag scríobh: é chómh cliste lé ceann aca a's tá leis an gceann eile. Is é an sionnach a éaluigheas go h-aicillidhe ar chródh na gcearc d'fhonn a's ná braithfí é: go réidh, socair, deigheólgaiseach. Láimhseáil an dochtúir an t-alt leónta go h-aicillidhe ar eagla go ngoirteóchadh sé an t-othar: go cliste, méar-éadtrom, fiosach. Is aicillidhe thagann an sionnach ar chródh na gcearc: ciúin, réidh, aireach gan glór do dhéanamh. Bí aicillidhe lém chois bhacaigh agus ná goirtigh í: aireach, cúramach. Brisfir an eochair sa ghlas mara mbír aicillidhe mar tá sí caithte go croidhe: aireach, socair, gan iomad nirt d'imirt uirthe. Imirtheóir aicillidhe seadh é, is maith do chosain sé an báire: cliste, eolgaiseach, mear. Doirtfir an t-uisce as an ngloine mar tá sí rólán mara mbír aicillidhe léi: cúramach. Bí aicillidhe leis an leanbh dhá thógaint as an gcliabhán mar tá a chnámha bog, lag fós: aireach, cneasta, cúramach, géilleamhail. Marcach aicillidhe dob eadh é a's a rádh nár leagadh é nuair stad an capall go h-oban ag an léim: lúthmhar, ceólmhar, cliste. Rámhaidhthe aicillidhe i bhfarraige reimhir seadh na h-oileánaigh: tá an t-eólas ceart aca ar an tslighe a's cóir a mbáid (nadhbhóga) do iondrabháil. Ainmhidhe aicillidhe seadh cat: cos éadtrom glic ag breith ar luich nó ag léimeadh. Dá fhaid do chaitheas ag faire ar fhear na méaracán dheineadh sé a chleas chómh h-aicillidhe sin ná féadfainn dul amach air: cómh tapaidh, mealltach, cliste sin. Dá aindeisighe é an trod is aicillidhe do thógann sé biorán lé n-a shróin: éadtrom, greanta. Budh mhaith an dórnálaidhe é dá mbeadh sé chómh haicillidhe as a chosaibh as tá sé as a ghéagaibh: dá mb'fhéidir leis bheith chómh gasta ag gluaiseacht ar a bhonnaibh a's tá sé

in earraidheacht a ghéag. Árduigh do sheol go h-aicillidhe mar tá an ghaoth an-theann: go réidh dréir a chéile mar chidhfear dod shúil eólgaisigh.

aicillidheacht: *b.3.* eólgaiseacht, luathlámhacht, gliocas, cúramacht, aireachas, cneastacht, lúthmhaireacht, éascaidheacht. Tabhair aicillidheacht don mbuin sin tá sí in aice gamhna: bí cúramach, aireach ar eagla a díoghbhála. Ní gan aicillidheacht a téightear go barr na spuaice sin: gan lúth agus eólas. Seachain an lóchrann, tabhair aicillidheacht do, nó brisfir é: tabhair aire dho, bí réidh ghá láimhseáil. Lé barr aicillidheachta níor bhraitheas ag déanamh ar an dtigh é agus mé ar mo dhícheall ag éisteacht: le héadtromacht is réidhe a chéime. Le barr aicillidheachta thug sé na cosa ós na gárdaidhibh leis tríd an sluagh: lúthmhaireacht, cúramacht, luas cos is gliocas éaluighthe. Is deacair cos do chur i gcorcán briste gan aicillidheacht: aire mhaith agus eólgaiseacht. Sheasóchadh an peann san le haicillidheacht ach aire gan déine do thabhairt do. Ní lé neart ar fad do chuireadh sé na h-ualaighe troma úd 'on trucail ach lé haicillidheacht: gliocas gnímh. Aicillidheacht annsan!: anamamhlacht! beódhacht! aire! tapamhlacht! Aicillidheacht don gciseán ubh nó brisfear ort iad: aire, socaracht; go réidh léd láimh! Le h-aicillidheacht cheart do bhain an dochtúir an inchinn as an gceann aige agus chuir ar ais airís í: le heolgaiseacht agus togha aireachais agus éascaidheacht méar. Ní gan aicillidheacht a tugtar bradán mór cuthaigh ar an bport le doradha lag: aire, eólas, cneastacht agus foidhne. Budh mhór an aicillidheacht do léimeadh as an ngluaisteán díreach agus é ag dul de dhruim an droichid isteach 'on abhainn: gníomh tapaidh, lúthmhar, misneamhail. Nár mhór an aicillidheacht don ngarsún úd an capall fiadhain sin do ghiollaidheacht in áit chómh h-achrannach leis an mbóthar clochach, cumhang san: clisteacht, eolas ná beadh coinne ag duine leis ó gharsún dá aois.

aicme: *b.4.* treabhachas, muinntir, treabh, saghas nó sórt, daoine, pór, muinntir, buidhean; go gcéill mímheasa scata, complacht, buidhean, cóip. Na h-aicmidhe céadna a bhunuigh Cromaill ann is iad iad: na treabhachais. Den aicme chéadna seadh sinn ó thaobh ár máithreacha, den dtreibh céadna, na daoine céadna. Nách áluinn an aicme iad muinntir Ghearailt: an treabh. Faid atáim ag iascach ní fheaca aon aicme rannach chómh mion leó so: aon tsaghas rannach. Budh mhalluighthe an aicme do bhuail liom sa tábhairne: an bhuidhean. Aicme chnáimhseálach seadh feirmeóiridhe, ní sháisigheann aon tsaghas aimsire iad: an saghas daoine. Bhuailfeadh aicme níos measa leat 'ná muinntir an bhaile sin: daoine maithe atá ar an mbaile sin. Ní bheinn d'bhur n-aicme ar aon rud: ní bheinn 'n-bhur mbuidhin. Is iomdha aicme ar fuaid an domhain: saghas fé leith daoine. Aicme dhathamhail Éireannaigh. Ní hiad na h-aicmidhe céadna atá i gCorca Dhuibhne anois agus bhí ann dhá chéad bliadhain ó shoin, muinntir Sheághdha a's muinntir Fháilbhe a bhí ann an tráth san, is beag díobh ann anois: treabha, treabhachaistidhe. Den aicme chéadna seadh muinntir Mhurchadha agus Chaomhánach: den bpór bunaidh gcéadna seadh iad. Beidh fáilte rómhat annso againne an aicme chéadna sinn: tá gaol agus cómhgas againn go léir lé n-a chéile. Seachnuigheadh duine tuaithe buachaillidhe sráide, drochaicme seadh iad: buidhean olc, cóip urchóideach (i gcómnáird leis an ndream luaidhte). Ní mór ná gurb iad an aicme chéadna éan an préachán (príochán) agus an chróg: an cineál céadna éan. Chuala iascaire ghá rádh lá nuair chonnaic sé mórán deargán mion: "nách suarach mion an aicme iad": scol beag éisc, saghas beag. Aicme leó

féin seadh oileánaigh: dream daoine go bhfuil malairt béas agus nós agus gnáth aca agus a fhanas i gcómhluadar a chéile.

áidh: tor, suim, áird. Ó chuadhas isteach go dtána amach níor labhair neach ón dtigh liom, sin áidh do thugadar orm: sin é an méid suime do chuireadar im thurus.

áidhbhéardaidhe: *f.4.* maor, stíobhard, feadhmannach.

áidhbhéil: *a.* mórfhairsing, uathbhásach, scannruightheach, neamhchoitcheann. Lé h-áidhbhéil doimhnis na farraige mar ar shúncáil an long ní bhfaighfear amach choidhche cad thárlaidh di. Léigheas ar fhear gurbh áidhbhéil a n-itheadh sé, cheithre stéigeanna mairtfheóla, cloch phrátaidhe agus a lán rudaidhe eile! Do h-óladh fiche baraille leanna duibh agus deich ngallúin beathuisce ar an mbainis, b'áidhbhéil an t-ólachán é: budh mhór ar fad. "Ar chualais cad a rinne ár gcara Séamas airéir?" – "ní chuala, ach ní chuirfeadh sé aon iongadh orm, fear áidhbhéil seadh é": fear a dhéanfadh aon nidh. Nárbh áidhbhéil an siubhal a bhí fúm ná féadfainn stad ag déanamh ar an bhfalla: nár neamhchoitcheann é, luas thar meón. B'áidhbhéil an cúrsa é: do mhairbh a leanán a fear di ar dtúis, annsan do mhairbh sí féin í féin toisc gur cuireadh braighdeanas lé n-a shaoghal ar a leanán: dob uathbhásach neamhdhaonna é. Thug an seanmónaidhe cainnt áidhbhéil uaidh ag cainnt ar ifreann: cainnt neamhchoitchinne. Inneósad an scéal díbh gan aon áidhbhéil: gan aon iarracht do thabhairt im aithris ar a chur 'n-a luighe ar mo lucht éisteachta go raibh sé níos measa nó níos uathbhásaighe 'ná bhí [níl an chiall "áidhbhéis" leis annso in ao'chor]. Ná labhair choidhche lé h-áidhbhéil: uathbhás agus scannradh do chur it aithris. Is áidhbhéil an long an Normaindí: faid, leathad, aoirde, fairsinge, gléasraidh etc., a lithéid ná raibh riamh i luing eile. Tá do dhóthain ráidhte anois agat, áidhbhéil is mó a bhíos agat: d'iarraidh dubhluigheachta do chur i ngach focal. Á, a dhaoine, éistidh leis an áidhbhéil atá aige: an chainnt árdbhlomasach [is féidir so gan áidhbhéis]. Ag lorg éan i bhfaill áidhbhéil thuit sé: faill árd, ghéar, dheacair. Chómh luath agus chonnac é agus an chulaith ait chuir sé áidhbhéil orm: iongadh mo chroidhe. Is áidhbhéil an tigh é – fiche seómra ann – d'fheirmeóir bheag: adhbhalmhór: méid neamhghádhtarach. Iasc áidhbhéil seadh míol mór: cuireann a mhéid iongadh ar an súil. Ainmhidhe áidhbhéil seadh trod: mór, trom, cumasach. Dob áidhbhéil an fuacht bhí san aer go dtéachtfadh a gcuid fola mara mbeadh na gléiseanna teasa a rugadar leo 'n-a n-eiteallán: fuacht gan teóra. Crith talmhan chómh h-áidhbhéil léi níor thárlaidh le fada gur marbhuigheadh dathad míle: chómh huathbhásach neamhchuimhnte. Lá áidhbhéil agam é ar siubhal ar mo chroidhe díchill a's gan ionam teacht ar thrian a bhfuil lé déanamh agam: lá róghrithileánach, cúramach. Dá mbeinn leath chómh h-áidhbhéil a's taoi-se, d'éisteóchainn: chómh hionchómhartuighthe.

áidhbhéileach: *a.* iongtaiseach lé méid, neamhchoitchinne, breághthacht, uathmhaireacht. Cuimhnigh ar an áit áidhbhéileach go rabhadar na céadta, céadta mílte ó thalamh glas, fuacht, stoirmeacha, sneachtadh, gan radharc ar ghréin acu, a gcuid bídh nách mór caithte: áit ró-uathmhar lé machtnamh air gan bac bheith ann. Dá áidhbhéilighe an cur síos a bhí aige ort seadh is lugha chreideas uaidh – gur chladhaire thu, gadaidhe, bitheamhnach, meisceóir: dá olcas. Féach a h-aoirde, a géire, a gairbheacht, an bhfeacaís riamh faill is áidhbhéilighe 'ná í? faill is mó chuirfeadh scannradh agus iongadh ort. Budh

dhóigh leat ar áidhbhéilighe na bpáipéar ná rugadh riamh ar aon ainmhidhe farraige budh mhó ’ná é – an fhaid seo, an tímcheall súd, an toirt tar na beartaibh etc. a chlóbhuaileadar.

áidhbhéileacht: *b.3.* fairsinge dochuimsighthe; móriongadh, mórmhaoidheamh. Bean mhórchnámhach, leathan, láidir, chuthaigh dob eadh í agus bítí ghá teasbáint i gcatharachaibh a’s i mbailtibh móra lé n-a h-áidhbhéileacht: méid neamhchoitcheann. Nuair chonnaic an fhuireann an uain mhór árd fharraige ag eirghe os a gcionn do scannruigh a h-áidhbhéileacht iad: a méid, a h-aoirde, a fiadhaineacht. Nuair dhúisigheas agus gan radharc agam ar aon rud ach aer a’s uisce tháinig áidhbhéileacht ar mo chroidhe aige: iongtas nár bhraitheas riamh roimhe sin. Fear cneasta, mín mar é do chuir boirbe a chainnte áidhbhéileacht orm: iongtas agus alltacht.

áidhbheirseóir: *f.3.* an diall, duine gan cuimse leis ar aon rud. Dá dtagadh an t-áidhbheirseóir aníos ó ifreann d’eagla do chur air ní ghéillfeadh sé: an diall féin: budh chuma cad é an tafant ná éigean do dhéanfaidhe air ní chlaoidhfeadh sé. Áidhbheirseóir fir a bhí pósta aice, tháinig sé agus thacht sé n-a codladh í, annsan do theasc sé a géaga dhi agus do dhóigh sé sa teine í: drochchéile amach a’s amach. Buachaill neamheaglach seadh é, d’ionnsóchadh sé an t-áidhbheirseóir féin: raigheadh sé in aghaidh aon ruda dá olcas. “Nách tú an t-áidhbheirseóir!” deirtear so lé gleáchas nuair bhíonn rud déanta ag duine a bhaineas preab asat lé n-a fheabhas nó lé n-a neamhchoinne. Seachain an fear san, áidhbheirseóir seadh é: duine fealltach, gan choguas, neamhscrupalach. Áidhbheirseóir seadh é dá mbeadh na hadharca air: dá mbeidís sinn air b’é comhthrom an diaill féin é. Áidhbheirseóiridhe clainne do bhí aca, d’imthigheadar chun donais: clann úrchóideach. A áidhbheirseóir, cuir uait an scian san a’s ná sáidh an fear léi: a dhrochdhuine gan scrupal. Cearbhach chómh críochnuighthe sin dob eadh é ar mbeith ag cailleamhaint gur ghaibh sé fé sceich go raibh a dhá cheann i dtalamh agus go dtug suas é féin don áidhbheirseóir: thiomnuigh sé a anam don ndiall. Éistidh, ná habraidh faic, tá an t-áidhbheirseóir ’n-ár measc: an té go bhfuil an feall ’n-a chroidhe. Cad é an t-áidhbheirseóir atá ag cur fút ná fanfá socair: cad é an drochrud atá ghod spriogadh chun mioscais?

áidhbheirseóireacht: *b.3.* malluightheacht, diabhlaidheacht. Ní raigheadh a oiread uaidh, a innsint dos na saighdiúiridhibh cá rabhas i bhfolach, lé n-a chuid áidhbheirseóireachta: malluightheacht aigne. Garsún crosta, ná téidheann luighe air ach áidhbheirseóireacht éigin ar siubhal aige ag ceangal seanstáin ar earballaibh asal, ag tóraidheacht cat, ag leigeant éan ar shoillsibh a’s gach aon rud a gcuimhneófá air as so go maidean: cleasaidheacht chrosta gan smacht. Níl aon mhuinghín agam asat, tá áidhbheirseóireacht an diaill id chroidhe riamh: cleasaidheacht fhealltamhail.

áidhbhéis: *b.2.* an bhóchna, daibheagán, ag cur leis an gceart nó leis an bhfírinne. Cailleadh san áidhbhéis é leathslighe siar go dtín t-Oileán Úr, an áit ná faghfar choidhche airís a thuairisc: ins an mbóchna fhairsing dhoimhin. Cad n-a thaobh ná fanair ar an bhfírinne agus gan imtheacht le h-áidhbhéis: ag adughadh agus ag cur leis an scéal. Is ort atá béal na h-áidhbhéise: ag cur lé gach aon rud a bhíos dhá innsint agat. An gcloisir cad deir sé, go bhfuil míle púnt sa bhanc aige? Is mór an áidhbhéis a leath: is éachtach an cur leis an bhfírinne é. Gan aon áidhbhéis bhí faid mo bhróige san mbreac ruadh do ghreamuigheas sa tsruthán san: gan aon chur leis, lom na fírinne. Ní chreidfinn focal uait,

áidhbhéis ar fad seadh thu: ní fhanann tú ar an bhfírinne. Is iongtach an scéal é sin agat – áidhbhéis éigin i gcómhnaidhe: breis mhór agus ar thárlaidh dhá luadh agat. Is mó an géilleadh tabharfí dhuit gan an áidhbhéis: mór-fhocalacht. Ní haon áidhbhéis a rádh ná gur dhílis an fear d'Éirinn Teón: is é an ceart ar fad é. Bíonn an oiread san áidhbhéise aige ná creideann aonne é: méaduigheann sé chómh mór san gach nidh go dtráchtann sé air. Scéal áidhbhéise seadh Cath Fionn Trágha: scéal ná féadfadh na gníomhartha agus na teangbhála atá ríomhtha ann thárlachaint. Furmhór chúntas na bpáipéar ar an gcogadh mór áidhbhéis dob eadh é: bhíodh na cúntaisidhe dhá mhéadughadh ar mhaithe leis an ndream go mbídís ar a dtaobh.

áidhbhéiseach: *a.* do dhul thar teórain. Scéal chómh h-áidhbhéiseach leis níor airigheas riamh, gur árduigh sé dathad cloch meádhachtainte ón dtalamh: imthighthe thar theorainn na fírinne, bheith gan aon deallramh gur bh'fhéidir é do dhéanamh. Dar liom go raibh sé sé troighthe ar aoirde, ach ní bheinn chómh h-áidhbhéiseach agus a rádh go raibh sé sé troighthe go leith: ní scaoilfinn lém theangain tar meón. Nuair bhíd ag lorg guth bíd an-áidhbhéiseach n-a ngeallamhaintidhibh: ag geallamhaint rudaidhe a bhíos ró-dheacair lé cóimhlíonadh. Dob áidhbhéiseach an fear i dtaobh a mbíodh aige é: ag luadh rudaidhe ná bíodh ach cuid díobh aige. Dá mbeadh do theanga gan bheith chómh h-áidhbhéiseach creidfí rud éigin uait: dá mbeidhtheá gan bheith chómh baothchainnteach, neamhaireach. Dá áidhbhéisighe aon nidh d'innsfeá dho chreidfeadh sé é: dá fhaid agus dá neamhairighe ar an bhfírinne d'aithrisfeá dho chreidfeadh sé. Nách áidhbhéiseach an t-éadach do chaitheann sé - triubhas glún, casóg earbaill, buataisidhe agus hata árd: ait, neamhchoitcheann, cúis gháireach.

aidhear: *f.1.* méiscridhe ar an gcroiceann ón bhfuacht. Aidhear go dtagaidh ort cois na teine mar an ort atá an t-eagla roim an bhfuacht. Cuir lóipinidhe ar do chosaibh agus cosnóchair iad ar an aidhear: coisbhearta cnotála (do dhrom na gcos) ar mhéiscridhibh fuachta.

aidhleasc: *a.* neamhthoilteanach, neamhfhonnmhar, díomhaoin, manaoiseach. Dob aidhleasc liom é do bhualadh toisc a laige, dá mhéid tarcuisne do thug sé dhom: ní raibh aon fhonn orm. Ní fheaca riamh i ngort ná i ngarrdha é mar is aidhleasc an duine é: díomhaoin, leisceamhail. Ní h-iongadh liom a n-imthigheann go h-aindeis uaidh mar tá sé aidhleasc: manaoiseach, neamhaireach. Luathuigh annsan, ná bí aidhleasc: ná bí mall.

aidhleisce: *b.4.* neamhthoilteanas, leisce mhór, neamhfhonn oibre. Bíonn aidhleisce orm éirghe ar a sé a chlog ar maidin: leisce an-mhór agus dochma. Bhuaileadh an oiread san aidhleisce é ar a chuid oibre go dtuiteadh sé dá chodladh: mairbheacht agus neamhdhúthracht. Leis an aidhleisce níor nigh sé a aghaidh ná a lámha i rith na seachtmhaine: leadaidheacht a's dochma roim chor do chur as féin.

aidhm: *b.2.* (*iol.* aidhmeanna) fonn, éileamh, caitheamh (i ndiaidh), inntin. Ní raibh aon aidhm agam ar theacht go B'l'Áth Cliath go dtí go bhfuaireas marcaidheacht (síob) in aisce: fonn nó inntin. Ní chloisim Seán ag trácht ar Mháire in ao'chor anois, ní dóigh liom go bhfuil aon aidhm aige uirthe feasda: éileamh nó cuimhneamh aige uirthe. Is leadaránach an duine é, ní raibh aon aidhm aige ar dhul abhaile fiú i lár na h-oidhche:

cuimhneamh nó fonn. Ní raibh aonne riamh is dócha go raibh an oiread aidhmeanna n-a cheann, iascaireacht indiugh, feirmeóireacht ambáireach, siopadóireacht an lá n-a dhiaidh: éirimidhe: fonn ar gabháil lé malairt slighe bheatha an uile lá dá shaoghal. Is iomdha aidhm a bhí im cheann nuair bhíos óg: bhíodh malairt ruda fúm do dhéanamh a's gan mé cómhnaidhtheach ar aon cheann aca. An bhfuil aidhm phósta ort? fonn pósta. Ní fhéadfá bheith deimhnightheach den nduine chéadna, tagann aidhmeanna air: tá luathinntineach: níl aigne buantseasamhach aige. Is deacair do dhuine a ghnóth do dhéanamh gan aidhm aige air: éileamh, a aigne bheith leis. Duine faillightheach gan aidhm bheatha dob eadh riamh é: gan ann fonn ceart chun dulta chun cinn. B'fhuraiste dhómh-sa airgead do bheith agam dá mbeadh m'aidhm air: dá gcuirinn rómham é bheadh sé agam. Cad air go bhfuil t'aidhm anois? cad air go bhfuil t'aigne leagtha agat? Bhuail sé d'aon aidhm mé: lé n-a thoil.

aidhmeamhail: [**aidhmeanach**] *a.* luathinntineach; éirimeamhail; fonnmhar. Ní dóigh liom gur cheart gnóth tábhachtach do chur ar fhear chómh haidhmeamhail leat: duine chómh neamhsheasamhach aigne. Cailín ró-aidhmeamhail dob eadh í, b'fhuraiste aithint ná claoidhfeadh sí leat: luathinntineach, neamhdhaingean. Tá fonn air bheith n-a Theachta Dála, tá sé aidhmeamhail a dhóthain chuige sin: tá an éirim ann, an fonn bheith go hárd sa tsaoghal. Is iomdha saghas gnótha ar siubhal agat, nách aidhmeamhail an duine thu: nách tu gur mian leat breis rud do bheith ar láimh agat.

aidhmhilleadh: *f.* (*-te*) bánughadh, scrios, creachadh, róchrádh. Is fada Sasana d'iarraidh na hÉireann d'aidhmhilleadh: do chreachadh is do chrádh. "Aidhmhilleadh ort!" deirtear lé rud a chiapas thu: gurb é do dheireadh é! Tá obair dhá aidhmhilleadh: tá an oiread san le déanamh aige go mbíonn sé do shíor ag gabháil do agus í ghá chiapadh n-a theannta san.

aidhmhillim: *b.a.* laitim nó millim amuigh a's amach. Shaoil an saoghal gur aidhmhill an cogadh mór an Ghearmáin: gur scrios sé í. D'aidhmhill an drochaimsir an fóghmhar: do lait sí ar fad na barraidhe. Táim aidhmhillte gem chlainn scaipightheach, ó bheith ag tabhairt airgid dóibh: creachta aca. Cad é an mhaitheas bheith lé duine gan chéill, táim aidhmhillte ó bheith ag tabhairt deaghchómhairle dho: cráidhte, clipighthe. Níor mhaith liom go mbeadh an té sin ghom mholadh, tá súil aidhmhillte aige: súil choirightheach, súil dhíoghbhálach. Aidhmhillir me, a leinbh, léd cheistiúchán: clipeann tu me. Ná haidhmhillfeadh treasnaghal gan bun thu? nó síorghiobaireacht? nó rud éigin crosda gan choinne leis a bhaineas as duit? chráidhfeadh sé an croidhe ionta. Aidhmhilleann an saoghal me: bíonn gach aon rud im choinnibh agus clipeann sé go rómhór me.

aifreann: *f.1.* "Is fearr aifreann rómhat ná dhá aifreann id dhiaidh": is fearr bheith cráibhtheach lé linn saoghail ná aifrinntidhe do bheith dhá chur le h-anam dhuine tréis bháis dho: an bheart láithreach an bheart. "Aifreann an Domhnaigh, ná leig uait, pé aca fliuch fuar bhéas an lá, ar eagla, ar maidin Dé Luain gurb í an uaigh do leabadh go bráth". Aifreann na geine Aifreann a's fiche: gheibheann duine oiread luachta as aifreann meádhon oidhche Nodlag agus gheóbhadh sé as fiche aifreann eile. Bíonn an cléireach ag friotháilt an aifrinn: ag freagairt an aifrinn. "Cá bhfuil muinntir an tighe seo?" – "táid ag friotháilt aifrinn": ag éisteacht aifrinn. Ná dearmad aifreann do chur lém anam bocht:

aifreann do rádh ar shon m'anama. Bíodh an t-aifreann agat roim aonnidh: ná teip ar bheith ag aifreann ar aon chúntas. An sagart ag ceileabhradh an aifrinn, an pobal ag éisteacht aifrinn. Aifreann Dé, moladh agus buidheachas leis, budh cheart gan a shéanadh: ní ámharach buaidh an aifrinn do shéanadh.

áigh: *a.* an-láidir, tréan, buacach. Bíonn gráin áigh agam do dhaoinibh gur fuath leó Gaedhilg: droichmheas an-láidir. Is ann do treascaradh an t-oscar áigh: an t-oscar tréan, tréitheach.

aigéan: *f.1.* an bhóchna, doimhneas mór. Thuit sé san aigéan: san bhfarraige dhoimhin. Is iomdha iasc san aigéan nár tháinig ar bharr uisce riamh: ar bhun na farraige doimhne.

aigéanach: *a.* an-dhoimhin, gan tóin. Tá poll aigéanach sa loch: ní féidir tóin d'fhagháil aice. Ní mar a chéile éisceanna aigéanacha agus éisceanna abhann: éisceanna as an bhfarraige agus éisceanna abhann.

aigéanta: *a.* ag baint leis an bhfarraige. Oileáin aigéanta: oileáin abhfad ó thalamh. Tonntacha aigéanta: tonntacha móra a chuirfeadh scannradh ar dhuine lé n-a n-aoirde.

aigeanta: *a.* inntileamhail; beó-aibidh. Is iad na daoine aigeanta a scríobhas leabhartha eólgaiseacha: daoine go mbíonn inntleacht aca. Is iomdha fear aigeanta fuair bás ar son na hÉireann: fear beó-spirideamhail. Fear ró-aigeanta seadh é le casadh ar do thoil: fear láidir n-a inntin féin, a leanas a thuigsint féin. Cuir chun do choda oibre go h-aigeanta: téidhir n-a treó go toileamhail, neamheaglach, go bhfonn éirighthe leat. (Feic **deagh-aigeanta** agus **droch-aigeanta** etc.)

aigeantach: *a.* inntileamhail; lán de smoirt; croidheamhail. Do síolruigheadh ó dhaoinibh aigeantacha ar gach taobh é: ó dhaoinibh a raibh inntleacht aca. Ní raibh saighdiúiridhe riamh ar bheagfhearas dob aigeantaighe d'ionnsaidh a namhaid 'ná arm na Poblachta: budh mhisneamhla. Bí aigeantach i gcuibhreann na bhfear: bí croidheamhail, deigh-mhéineach: ná bíodh sprionnlaitheacht ort.

aigeantacht: *b.3.* inntileamhlacht, spirid, léirthuigse. Ná bíodh aon iongadh ort cad dhéanfadh sé, cuimhnigh ar a aigeantacht: meabhair chinn. Ní le ceal aigeantachta a d'imthigh na Géanna Fiadhaine thar lear: le ceal spiride. Lé h-aigeantacht an duine smachtuigheann sé an uile ainmhidhe atá ann: lé n-a léirthuigse.

aigne: *b.4.* an inntin; rún, fonn, spirid, misneach. Táim ar aon aigne le h-aonne atá i bhfabhar na Gaedhilge: ar aon inntin. An bhfuil aigne mhaith agat dod chómharsain? an bhfuil smaointe maithe agat do? Cad tá ar aigne agat a dhéanamh, pósadh nó bheith aontumha? céaca den dá nidh is mian leat do dhéanamh? Tá sé ar aigne agam cur fúm in Áth Cliath: sin é an rud atá im cheann do dhéanamh. Ní bheadh t'aigne agam ar a bhfeaca riamh: níl deaghsmaointe agat do chách. Nách láidir an aigne bhíos ag an té a itheas feoil róin!: neart tola. Cuireann uibhe cearc lé gach béile casadh im aigne: tagann col le biadh agam (corpardha). An chainnt neamhbhanamhail a bhí ar siubhal aige do chuir sí casadh im aigne: tháinig déistin orm bheith ag éisteacht léi. B'iongtach an aigne a bhí aige agus

an corpán leathlobhtha do thógaint as an uaigh: misneach i bhfiadhnaise ruda neamhthaithneamhaigh. Chuir aigne Sheáin Mhic Ghiolla Brighde is an Phiarsaigh iongtas ar shaighdiúiridhibh Shasana: neart spiride agus misnigh. Ná tuigtear in aigne aonne gur b'é féin an té is fearr le fagháil: ná buailtear i smaointibh aonne é. Cad tháinig it aigne agus an cárta san d'imirt? cad budh dhóigh leat dob fheárrde tu é do dhéanamh? Coimeád t'aigne ar an mbás do shíor: ná dearmhaid é in ao'chor aon am. Ní cuimhin liom i gceart cár bhuail sé liom san Oileán Úr bíodh go bhfuil sé ag rith im aigne: gidh nach mór ná go dtagann a chuimhneamh chugham ach go n-éaluigheann uaim. Chuala a bhás indiugh; an uair dheidheanach do chonnac é thuigeas im aigne gur mar sin do bheadh: ná raibh aon dul as aige. Ní fóghanta an aigne dhuit bheith ag tromaidheacht ar do chomharsain: ní maith an inntin do dhaoinibh eile agat, etc. Dá mbeadh t'aigne agam do bhádhfainn me féin - deirtear so le duine nách mbíonn deighmhéin aige d'aonne eile. "Is breágh an aigne do chuir Dia chuige (thug dho)", deirtear le duine sochma, deighmhéineach ná cuireann aon rud mairg air, is cuma cad é tarcuisne tugtar do. Le h-aoirde aigne do dhiúltaigh sé aisce ón dtighearna talmhan. Bhuail sé me le h-aigne mo ghortuighthe: leis an inntin sin. Bhíos d'aigne scríobh chughat nuair tháinighis: bhí fonn orm etc. Is fada aigne chorruighthe aige ó fuair a bhean bás: míoshuaimhneasach agus dubrónach. Dá leagadh sé a aigne air do bheadh an méid sin críochnuighthe aige fé thráthnóna: dá gcuireadh sé roimis é. Do chaitheas an oiread san bliadhan thar lear go bhfuil na daoine imthighthe as m'aigne: a n-ainmeacha, a mbéasa, 'sa slite imthighthe as mo chuimhne. Imthigheadh cuimhne na h-easonóra a tugadh duit as t'aigne: ná bí ghá cothughadh it smaointibh: cuir deireadh lé machtnamh uirthe. Ná bí chómh deimhnightheach san ar fad go bhfuil cion aige ort, ní fheadaraís cad bheadh ar aigne an duine sin: cad é bheadh istigh aige i nganfhios: duine doimhin seadh é. Ná tabhair t'aigne d'aonne: pé rud atá ar inntin agat, fanadh sé ann. Ná tabhair fios t'aigne do dhuine agus ní bheidh aithreachas ort: an focal ná labhartar ní cúis imshnímh é. Is furaiste dhom réidhteach leis, fear go bhfuil aigne sho-ronna aige seadh é: duine go bhfuil géilleadh aige do chreidsin agus do ghéillfeadh d'aonne. Níor mhaith leo do chreideamh, do dhúthaigh ná do bhéasa, daoine do-ranna seadh iad: daoine claona. Bíonn eagla air aon nidh do dhéanamh as féin, tá sé rómhór fé aigne a mhná: fé n-a toil.

aigneamh: *f.1.* aoibhneas, scléip, beódhamhlacht. Cuireann sé aigneamh orm bheith ag éisteacht le ceól na n-éan: éirghe croidhe, aoibhneas. Ní h-aon aigneamh dom an chos thinn seo agam: ní h-aon áthas dom í. Budh mhór an chúis aignimh dhóibh clann óg do bheith aca: áthas aigne. Gluaisimís chun na rás beidh aigneamh an domhain againn ann: seódh a's aiteas a's faoileadh. Go bhfuil mo dhóthain ithte ólta agam anois táim lán d'aigneamh: de shástacht a's de bheódhamhlacht.

aighneas: *f.1.* cainnt, óráididheacht, argóint, cainnt chlampair, agallamh diospóireachta. Is maith an t-aighneas a tháinig ó Aire na Cosanta sa Dáil: is maith gonta an argóint. Aighneas ar fad seadh é: cainnteóir maith seadh é, nó ní bhíonn aige ach cainnt a's gan obair. A lithéid d'aighneas agus bhí ag muinntir an pharóiste eile cad ná déanfaidís linn: maoidheamh agus bladhgar. A lithéid d'aighneas agus bhí ag an mbeirt: argóint: mórchuid cainnte gan cao do thabhairt do neach eile láithreach, nó cainnt ná bíonn deaghshomplach, mánla. Ní féidir a chuid aighnis do bhréagnughadh: a chúigeanna argóna do chur ar ceal. Tabhair aighneas ceart uait: labhair go mánla nó gan tagairt do

rudaidhibh nách mbaineann leis an scéal atá fé dhiospóireacht. Ní fheaca riamh sibh ná go mbeadh aighneas éigin eadaraibh: cainnt chlampair, easaontais. Aighneas an pheacaigh leis an mbás – ainm dáin n-a bhfuil an peacach 'sa bhás ag tuargain a chéile. Thugas fé ndeara go raibh an-aighneas agaibh ar feadh abhfad, cad bhí ar siubhal agaibh? cómhrádh anamamhail isteach 'samach le bheith ag troid. Dhéanfadh leath an aighnis thu: tá iomad cainnte ar fad agat. Sin é an t-aighneas! sin í an chainnt! Thug an sagart aighneas maith ar ifreann uaidh n-a sheanmóin: labhair sé go láidir, ciallmhar air. Obair a's ní aighneas atá uainn: stadtar de chainnt a's déintear rud éigin. Dá mbeinn ag aighneas leis go ngeóbhadh thoir aniar agus thiar anoir dob é an dá mhara chéile dhom é: níorbh aon mhaith bheith ghá chómhairleach. Ná cuir aighneas ar aonne gan aithne agat air: ná labhair lé haonne etc. Chuireamair aighneas ar a chéile ar an dtraen: do chainntigheamair a chéile. "B'fhéidir go gcuirfinn-se (go dtabharfainn-se) malairt aighnis duit", deirtear so lé duine a bhíos ag tabhairt iomad cainnte uaidh ná taithnigheann leat. Tá réim mhór fé láthair fén Iodáil i dtaobh Aibisíne ach b'fhéidir go mbeadh malairt aighnis fós aice: ná beadh sí chómh teannlabhartha agus tá sí. Bunuighmís aighneas ar stáid na politidheachta: cuirimís diospóireacht ar siubhal n-a taobh. Scrios! ná bí ag buanughadh aighnis ameasc carad annso: d'iarraidh daoine do spriogadh chun easaontais.

aighneasach: *a.* tugtha d'argóint nó do chlampar cainnte. Ní ceart d'ógánach bheith aighneasach le seandaoinibh: bheith dána iomadfhoclach. Duine ró-aighneasach i gcuideachtain seadh é, is deacair foidhneamh leis: iomad cainnte aige fiú nuair nách é a uain cainnte é. B'fheárrde thu gan bheith chómh h-aighneasach: gan oiread fonn argóna. (**aighneastamhail**, freisin)

aighneastóir: *f.3.* cainnteóir, cainnteóir poiblidhe, eadarghuidhe nó cómhairle (dlighe). Aighneastóir mórfhoclach dob eadh Dómhnall Ó Conaill: cainnteóir go raibh mórchuid rith-seama fé. Is fearr d'aighneastóir cúirte é ná aonne dá gcuala riamh: fear chun cúise dlighe d'agairt. Dá mb'aighneastóir me thabharfainn freagra ar an áiteamh san: dá mbudh duine me go mbeadh taithighe chainnte agam. Á! deirim leat gur maith an t-aighneastóir mná í: gur líomhtha chuireann sí cainnt aiste. Is maith an t-aighneastóir tú: is deas mar deirir cainnt.

áil: *b.* mian, taithneamh. Is áil liom dul abhaile, táim cortha ó bheith annso: is mian liom: tá m'inntin air. "An maith leat té anois?" – "is áil liom é agus ní h-áil liom é": táim idir dhá chómhairle n-a thaobh. Dob áil le t'athair go dtiocfá: do theacht dob fheárr leis. Dá mb'áil leat an tigh d'fhágaint leathuair an chluig roim ré bheidhfeá in am don traen: dá ndeinteá san. Cad dob áil leat díom anois? cad é an gnóth atá agat díom? Tabhair dhom an hata san cad dob áil leat-sa dhe? is agam-sa tá gnóth dhe san agus ní agat-sa. Gluaiseam, cad dob áil linn annso? cad é ár gcúram (níl faic buaidhte againn le bheith) annso? Cad dob áil lé duine bocht de ghluaisteán? cad é an áis dob fhéidir leis do bhaint as? An dteastuigheann airgead uait? ní háil liom gan é: nílím sásta gan é. Dá mb'áil lé Dia dhom geall do chur ar an gcapall úd bheadh cnocán airgid agam: dá mbeadh sé den ádh orm. Níorbh áil leis gan dul in aonfheacht liom, dá mhéid bhíos d'iarraidh é do chosc: ní bheadh sé sásta gan etc. Dá mb'áil leis teacht linn bheadh fáilte roimis: dá ngéilleadh sé teacht.

aileis: *d-bh.* chómh maith, freisin. Beir-se ann? bead-sa aileis ann: freisin. Bádhadh a athair agus a dhritheáir aileis an lá céadna: leis, freisin. "Thug sé deich scillinge ar na brógaibh" – "thug agus naoi bpingne aileis": n-a theannta san. Dhéanfainn-se an rud céadna, aileis: maidir lé pé duine do dhein é.

ailím: *b.2.* Is maith an rud le cimilt fé t'aghaidh tréis beárrtha ailím.

ailleadóir: *f.3.* duine a ghníos strapadóireacht ailltreach (failltreach). Níor mhór duit bheith it ailleadóir mhaith chun dulta ag triall ar nid seabhaic guirm: it strapadóir mhaith mhisneamhail.

ailleadóireacht: *b.3.* strapadóireacht failltreach. Is mór an ailleadóireacht do ghníodh na seandaoine ag gabháil d'fheamnaigh chun leasuighthe: bhídís síos suas ag iomchar feamnaighe go barr faille lé cur ar thalamh mar leasughadh.

áilleagán: *f.1.* bréagán, íomháigh bheag, adhmad d'áineas leanbh, bean nó leanbh gur móide ar a scéimh 'ná ar a feabhas ar aon tslighe eile; rud gleóidhte gan mórán luacha. Cheannuigheas áilleagán adhmaid dos na leanbhaidhibh. Níl innte mar mhnaoi ach áilleagán: go breágh le féachaint uirthe, gan tréith ar bith.

áilleán: *f.1.* bréagán, rud ceanamhail (ag); rud gan puinn tairbhe. Suidh annso agam, a ailleáin: a dhuine sin (leinbh) go bhfuilim chómh ceanamhail sin air. Ceannóchad áilleán dom leanbh: bréagán. Máire, ní raibh riamh innte ach áilleán: rud cuibheasach taithneamhach lé féachaint air gan puinn maitheasa eile.

aillilliú: *int.* dar fiadh! m'iongtas é! Aillilliú! Féach ar a cheann basctha, nách é fuair an tuiteam, le hiongadh deirtear san. "Dá mbeadh ná beadh an oiread 'n-a choinnibh is é ná buaidhfí air" – "aillilliú! is duit is fíor": bí cinnte dhe. "Aillilliú! féach air sin d'fheóthan oban do bhuail an tigh", le preib a deirtear san. "Budh mhaith na saighdiúiridhe iad i mbliadhain a 1916" – "aillilliú! ná bíodh aon amhras ar aonne 'n-a thaobh". "Aillilliú! na gamhna, na gamhna, na gamhna geala, bána": tógaid mo chroidhe le h-áthas nuair chidhim iad. Aillilliú! is mór an deabhadh atá fút: dar fiadh! gurb ort atá an deabhadh.

áilne: *b.4.* feabhas thar bárr, dathamhlacht, maise, deighscéimh, sármhaitheas, taithneamhacht. Ní áilne go Cill Áirne: níl aon bhall go bhfuil scéimh agus taithneamhacht amhairc chómh breágh air. Do toghadh í as an mbantracht uile le n-a háilne: a deallramh maiseamhail. Tá an scríobhnóireacht san ar áilne an domhain: cuireann a feabhas taithneamhacht mhór ar an súil. "Áit bhreágh é Corca Dhuibhne?" – "tá sé ar áilne(acht) na cruinne!" Siubhlaigh an chruinne a's níl a lithéid ann lé maise nó scéimh: sásuigheann sé siansa an duine níos fearr 'ná aon áit eile go leagfá do shúil air. Ní lé n-a háilne(acht) do thoigh sé mar mhnaoi í: ní mar gheall ar a maise etc. Níor chuir sé aon áilne(acht) ar mo chroidhe go bhfuair do dhritheáir bás: níor chuir sé aon taithneamh orm. Ná cuirfeadh sé áilne(acht) ort bheith ar an bhfarraige lá breágh samhraidh: aoibhneas agus sástacht aigne. Deoch ní b'áilne ná an bainne sin níor ólas riamh: deoch budh thaithneamhaighe le blas mo charbhait. Coill ar áilne (ailneacht) seadh í: coill anbhreágh ar fad. Aithnighim ar an gcapall go bhfuil áilne ithte sa choirce: gur

sásamhach aoibhinn lé n-itheadh an coirce céadna. Rug do dhribhshiúr barr áilne (áilneachta) ar chailínidhibh an pharóiste: dob é an cailín dob fhearr scéimh agus taithneamh í.

ailp: *b.2.* cnapán, túrtóg, cnocán árd; duine teann téagartha; geannc adhmaid, aráin etc., lán béil. Chuir an buille bhata ailp ar mo cheann: cnapán lánshoifheicse. Gort aimhréidh seadh é tá lán d'ailpeannaibh: túrtóga nó cnapáin, díreach mar bheadh fadharcáin ar bhata droighean. Caithfear an bráca do chur ar an ithir seo tréis a treabhtha, is mór a bhfuil d'ailpeannaibh innte: cnapáin chré. Beir fada ar do chuid siubhal, sin ailp ghéar: cnocán nó cnoc seasuightheach. Budh bhreágh an ailp (fir) é nuair bhí sé óg: duine deaghchúmtha, córach. Cheannuigheas seacht n-ailpeanna maithe beithidheach ar an aonach: beithidhigh mhaithe, chóracha, bheathuighthe. Ailp bhitheamhnaigh dob eadh riamh thu faid tá aithne agam ort: bitheamhnach mór, cliste. Féach mar ar bhain an madra ailp as mo cholpa: greim. Ní fheadar cé bhain an ailp as an gcíste? smut nó geannc. Leag an fharraige ailp mhór den bhfaill: geannc di, d'fhág sé clais in ionad ar leag sí. Is minic do fuair an duine déidheanach ailp: go bhfuair sé breis agus fuair aonne a tháinig ar an láthair roimis. Ná bí chómh sainnteamhail sin agus bheith ag itheadh n-a ailpeannaibh: ag itheadh i ngeanncaibh, i mblúiridhibh, gan chogaint. Chuir sé ailp (airgid) 'on bhannc indiugh: suim mhaith. Chonnac an ailp san uisce agus ní fheadar cad bhí ann ar dtúis: dlúthas gan déanamh air a chuirfeadh in iúil do dhuine cad bhí ann. Tháinig ailp im scórnaigh lé h-anabháidh: cnapán a d'fhág mo scórnach tachtuighthe. Stad ailp feóla n-a scórnaigh gur tachtadh é: cnapán ró-mhór don slighe síos. Ná bí ag tabhairt ailpeacha mionn mór: eascainghthe gránda. An raibh aon nidh tréis a shaothair aige? bhí a ailp aige: a chion. Thugas fé ndeara ailp fé n-a chasóig: is dócha gur buidéal a bhí aige: rud éigin a árduigh amach n-a cnapán í. An dóigh leat gur ailp bhradach atá aige? rud éigin toirteamhail a bheadh goidte. Bata go raibh ailp ar a cheann do cheannuigh sé: go raibh cnapán nó breis toirte ann. Nách é an ailp ghránda é? duine gan chuma gan béasaibh.

ailpín: *f.4.* geall, cnapán beag. Tá ailpín ar a bhata: cnapán nó geall ar bhata lé haghaidh hionnsaidhthe nó cosanta, mar bhíonn ar bhata droighean. Bhíodh cleith-ailpín ag dul 'on Daingean aige: cómhartha gurbh fhear troda é nó duine nárbh aon dóichín é, nách lé mianach síothchána bhíodh sé ghá iomchar. Lucht cleith-ailpínidhe: daoine a bhíos i ndiaidh eallaigh ar aontaighibh, gurb annamh gan bataidhe iad.

áilt: *b.2.* rud éigin a deirtear nó a deintear chun gáiridhe do chur amach; rud éigin deisbhéalach, rud ná bítear i ndáiríribh n-a thaobh. Is mór an áilt duit-se mise do leagadh isteach in abhainn: cúis mhagaidh. Nách deas an áilt di trí n-a cuid cleasaidheachta dhi biorán do sháthadh ionam? cúis ghrinn a's suilt. Níor shaoileas go ngoirteóchainn thu, le háilt do chuireas cor coise fút: ní rabhas i ndáiríribh.

áilteóir: *f.3.* duine a bhíos ag imirt chleas gan urchóid ar chách, duine meidhir-aigeantach; an cóbach a bhíos ag déanamh an ghrinn don sluagh ar shearcus. Seachain tu féin ar an áilteóir sin, ná dein rud air suidhe ar an gcathaoir sin mar tá cos léi briste: cleasaidhe. Budh mhór an t-áilteóir é sean-Sheán Firtéar, mar dhíol sé an mhuc leis an bhFear nGorm a's gur ghoid sé airís uaidh í chun grinn do bheith aige air: fear magaidh. Ní raighinn ag imirt chártaidhe lé háilteóir mar thusa a bheadh ag ceileabhradh agus ag

déanamh tuaiplisidhe lé n-a thoil: duine gur chuma leis ach greann do bheith aige orm. Nár mhór an t-áilteóir é gur chaith sé plúr ar an abhainn go dtuigfeadh na hiascairidhe gur aol a bhí ann chun an éisc do mharbhughadh. “Cé hé sin aníos an tsráid?” ar seisean, d’fhéachas amach. Ní túisce sin ’ná rug sé ar mo ghloine den gconntabhairt agus dhiúg í! Féach air sin d’áilteóir. Áilteóiridhe seadh buachaillidhe an bhaile, féach cad dheineadar airéir - glaodhach ar an ndochtúir chun duine a bhí n-a shláinte cheart!

áilteóireacht: *b.3.* cleasaidheacht, ádhbhacht. Lé h-áilteóireacht do scaoil sé an gealbhan fén solas agus ní le fonn mioscais: lé seódh do dhéanamh. Pé áit go mbír bíonn áilteóireacht ann: cleasaidheacht neamhdhíobhálach. Sín chugham an salann san, cuir uaim an piobar agus cuir-se uait do chuid áilteóireachta: cleasaidheacht. Ní h-aon áilteóireacht dómh-sa cathaoir coise briste d’fhágaint fém bhrághaid: cúis ghrinn.

áilteórdha: *a.* tugtha d’áilteóireacht. Táir ró-áilteórdha do dhuine stuidéartha mar mise: an iomad fonn cleasaidheachta ort, a mhalairt ar fad orm-sa.

aimhcheart: *a.* éagcórach, mícheart. Choidhche ná déin rud chómh haimhcheart le bréag do chur ar do chómharsain: gan chóir. Is aimhcheart an nidh don Iodáil bheith ag déanamh conncais ar an Aibisínia: nidh nách féidir don Iodáil í féin do shaoradh ann. M’eagla go bhfuil freagra aimhcheart tugtha agam ar an bhfear san agus nár thuill sé é: freagra míbhéasamhail. Is beag peacach ná deineann gníomhartha aimhchearta i rith a bheatha: rudaidhe nách mbíonn cóir ná ceart chun a ndéanta. Ar bhfeicsint dom go rabhas aimhcheart ghabhas mo leithscéal: as an slighe. Táir id shuidhe aimhcheart ar an dtochta agus leathcheann ar an mbád agat, suidh i lár baill: nílir id shuidhe san áit go suidhtear de cheart.

aimhdheóin: [**aimhdeóin, aindeóin**] *b.3.* neamhthoil. Cuimhnigh gur dem aimhdheóin atá an fear san agat dhá lámhach: i gcoinnibh mo thola agus gan é de chaoi nó de chumas agam tu do chosc. Ní hiongadh gur stroileas dem aimhdheóin ar an gcarraig sleamhain sin agus na bróga troma tairngidhe atá orm: in aghaidh mo lándícheall ar fanacht ar mo bhonnaibh. Bhain na foghlaidhthe a chuid airgid de dá aimhdheóin: bhuadhadar air in iarracht a choimeádta. Is mór an siubhal atá fén luing sin in aimhdheóin na taoide: gídh go bhfuil an taoide ’n-a coinnibh. Dá dhearg-aimhdheóin d’fhág Seán Buidhe riamh ár ndúthaigh: rinne sé a chroidhe díchill fanacht annso agus chuaidh de: b’éigean dó imtheacht. D’aimhdheóin dhearg a mhuinntire agus a muinntire do phós sé í: gach a ndeárnadar agus a ndubhradar d’iarraidh é do chur i ndiaidh a chúil ní raibh aon mhaith dhóibh ann. Dá lom-dhearg aimhdheóin do scaoil sé uaidh a ghreim: ní fhéadfadh a thuilleadh nár dhéin sé do dhéanamh chun a ghreama do chongbháil. D’aimhdheóin t’fhiacal (do chúilfhiacal) do leagfainn thu: dá fheabhas do chuirfeá chun mé do chosc do leagfainn thu. D’aimhdheóin go raibh aire dá fheabhas aige agus togha dochtúra do fuair sé bás: gidh go raibh. In aimhdheóin a raibh d’airgead aige tá sé bocht anois: dá mhéid a bhí aige d’imthigh sé. Dod dheóin nó t’aimhdheóin bead rómhat: bíodh do thoil is do chóngamh le me bheith ann nó a mhalairt díreach, ní choingbheóchaidh faic me ar a bheith rómhat. Féach féin d’aimhdheóin an duine go bhfaigheann sé bás: sé a dhán é. D’aimhdheóin go raibh léighe leis agus nár fhág sé cloch gan iompódh ní hé do ceapadh don mbeart: is cuma cad dheárna sé níor éirigh leis. Aindeóin an bhrigh chéadna.

aimhdheónach: *a.* neamhthoilteanach, míofhonnmhar. Tugadh abhfad ag tafant orm agus go h-aimhdheónach do ghéilleas: in aghaidh mo thola. Má thagann sé linn is go h-aimhdheónach é: in aghaidh a chos. "Thug bean an tábhairne deoch ar cáirde díbh?" – "is go h-aimhdheónach é": go righin, neamhfhonnmhar. Nách aimhdheónach an garsún chun oibre thu: garsún dúr, neamhfhonnmhar. Ní haon leithscéal dóibh gur go haimhdheónach do lámhachadar Sildear: gur gádhtarach é, ná raibh a dtoil leis.

aimhfheóil: *b.3.* an fhásfheóil a thagas ar chneadh nó ar ulras; feóil amh. Ní maith liom deallramh na cneádha san, féach an aimhfheóil atá uirthi: feóil neamhnádúrdha. Ná tóg an stéig sin den dteine, níl innte fós ach aimhfheóil: feoil neamhbhruithte fós.

aimid: *b.2.* bean bhaoth. Ní dhéanfadh aon bhean ach aimid póitire mar é do phósadh: bean gan chiall. Aimideacha ban a bhíos ag broic le h-obair i dtigh 'si ngort; mná gan éifeacht. Mhol sé chómh mór san í go raibh sí n-a h-aimid aige: bhí sí aige i slighe go gcreidfeadh sí nó go ndéanfadh sí aon rud do: óinseach gan tuigsint, gan éifeacht, gan réasún.

aimideach: *a.* amadántamhail, baoth, ait. Nách aimideach a thárla sé dhuit do sparán d'fhágaint ar an gconntabhairt: amadántamhail, faillightheach. Ní mór liom carthanacht ach ní bheinn chómh h-aimideach a's mo chuid ar fad do thabhairt uaim: míochiallmhar. Ná cuir aon stródh uirthe, bean bhocht aimideach seadh í: níl a meabhair chinn go ceart aice. Riamh níor fhoscail sé a bhéal ná gur go h-aimideach do labhair sé: gan fuaimeant.

aimileach: *a.* tuathalach, neamhthaithightheach, faillightheach. Sclábhaidhe aimileach a thugas iarracht ar phrátaidhibh do bhaint lé sluasaid: neamheólgaiseach. Nách aimileach an scríobhnóireacht atá agat, focal de ní fhéadfainn do léigheamh: neamhshlachtmhar, drochchumtha. Budh bhreágh an fear é mara mbeadh a chosa bheith aimileach: neamhchórach. Nách aimileach a chosnuighis tu féin ar an mbuille úd, féach dá mbeidhfeá aireach ní thuitfeadh sé ort: nách aindeis, míchliste. Nách deacair é do thuigsint, tá a chuid cainnte aimileach cheal a chuid fiacal: ní labhrann sé go soiléir. I dtosach seadh is aimilighe duine ar aon rud do chuireann sé roimis: is neamhchliste ar a ghnóth é. Siubhalann an eala go h-aimileach, snámhann sí go seólta: trom, mall, aindeis. Dá aimilighe chuireann sé roimis is diaill mar éirigheann leis: gidh gur aindeis, neimheólgaiseach etc. Cé gur aimileach do shiubhalann sé triallann sé abhfad: mí-ghleóidhte. Nách aimileach an múinteóir thu: tuathalach, gan slighe bhríoghmhar agat. Do ruaigeadh me as an siopa, dob aimileach leó bhíos ag déanamh mo chúraim: neamhdheas, botúnach.

aimiléis: *b.2.* mío-ádh; míoshlachtmhaireacht, achrann, dul trí chéile gan réidhteach. Bhain lucht cánach caoga púnt díom, cuireadh as mo thigh annsan me cheal cíosa, ach níorbh aimiléis i gceart é gur briseadh agus mo chuid oibre me: mío-ádh. Tá dhá chárta mhaithe im lámhaibh agam, tá cúig istigh liom, má leigim léi beidh an té gur leis an cárta i ngiorracht cúige don gcluiche, ach ar an am gcéadna tá imirtheóir eile i ngiorracht cúige dhó cheana agus níl a mbualadh araon ag aonne ach agam, táim in iomar na haimiléise maidir lé cad is ceart dom do dhéanamh: táim i gcruadhtan cheart. Tá an áit n-a aimiléis

agat: trí chéile gan aon riar. Is mór an aimiléis atá orm – airgead i mbanc orm, airgead ag lucht áirleacan orm, airgead ag lucht fiach orm: achrann agus cruadhtan go bhfuil ag dul díom teacht as. Ní bhfaighim thoir ná thiar do chainnt, aimiléis scéil atá agat: scéal dothuigseanta, gan aon léargas. Ná déanfá do ghnóth i gceart, níl ionat ach aimiléis duine: duine gan eólas cruinn aige. Aimiléis ar fad seadh staid (aiste) an domhain anois, cogaidhe, ráflaidhe, stailceanna oibre, círéibidhe go flúirseach: tá sé trí chéile go mór, gan aon tsocracht. Téidhir isteach 'on chisdin agus réidhtigh an aimiléis atá ann: gach aon rud gan bheith n-a ionad ceart, gan cóiriughadh nó riar.

aimiléiseach: *a.* mío-ádhmharach, míoshlachtmhar, achrannach, ar aiste mhío-ádhmharaigh. Tá ortha bheith in Áth Cliath anocht, chailleadar an traen ar maidin, do bhris a ngluaisteán ortha, is aimiléiseach an cúrsa aca é: neamhdhóchasach, míthreórach. Cloch isteach a's cloch amach atá aige mar shaor, obair aimiléiseach seadh í: obair gan ealadhain, gan slacht. Is aimiléiseach an scéal agat é, scaoilis uait bád agus dhá bhád i leith agus go mbeadh bád eile ag dul ar an oileán: anois níl fuireann lé fagháil in ao'chor. Ná leig d'aon rud aimiléiseach teacht treasna ort a choimeádfadh ón gcruinniughadh thu: rud neamhchríochnamhail: feic go mbír ullamh n-a chómhair.

aimileóg: *b.2.* bean thuathalach, neamhthaithightheach, neamhchríochnamhail. Ní dhéanfadh aon bhean ach aimileóg té gan an t-uisce bheith ag fliuchaidh (fiuchaidh): bean gan taithighe, gan chríochnughadh. Tá sí n-a h-aimileóig de cheal a dóthain árus: tá sí mar bean ná beadh eólas a gnótha aice. Is furaiste cóstáil léi, aimileóg bhog saonta seadh i gach lá dá saoghal: bean ná bíonn rochríochnamhail a's gur furaiste déanamh léi. Ní bheinn ag féachaint ort, a aimileóg: a bhean gan gastacht gnótha.

aimileógach: *a*: tuathalach, neamhghasta. Nách aimileogach do scaoilis uait an téad san: nách aindeis, neamhaireach. Ní dhéanfainn rud chómh haimileógach le salann do chur ar thé in ionad siúicre: chómh hait, neamheólgaiseach. Ná labhair aimileógach, bíodh fuaimeant leat: go hainbhfhiosach.

aimilidhe: *a.* neamhghasta, neamhchórach. Nách aimilidhe bheireann tú ar an sciain sin: neamhchruinn. Bíonn crot aimilidhe ar chamal, crot lidhe ar chapall ráis: déanamh neamhchórach: crot ná taibhsigheannnn slachtmhar don súil, a chuirfeadh 'n-a luighe ort ná fuil sé luath ná tapaidh. Den gcéad uair ag duine ar rothar bíonn sé aimilidhe: tuathalach. Scúigh amach na cártaidhe, ná bí chómh h-aimilidhe agus go mbíd ag stroilleamhaint uait: neamhghasta, níl do mhéireanna éascaidh, pras ghá n-iondrabháil. Nách aimilidhe d'éirigh sé dhuit tuiteam as an iallait: neamhaireach, tuathalach.

aimilidheacht: *b.3.* tuathalacht, neamhghastacht, neamhaireachas. Ní le ceal eolais é ach lé h-aimilidheacht nár chaimsigheas an marc an turus so: tuathalacht; neamhaireachas: níor thugas an aire riachtanach dom iarracht. Ní shíneann mo dhoradha nuair chaithim é, tá aimilidheachtcht ar an roth: máchail ar a ghluaiseacht. Ní fhéadfainn siubhal rómhear lé haimilidheacht na mbróg mór tairngidhe seo: neamhoireamhanaidheacht chun siubhalta. Aimilidheacht chéille d'aonne seadh a chuid go léir do thabhairt dá chlainn: baois. Ní dhéanfair aon nidh cóir choidhche lét aimilidheacht: ceal cruinnis agus

críochnuighthe. Cad é an aimilidheacht atá ar an bpeann so ná scríobhann sé? cad é an mháchail?

aimilithe: *a.* tuathalach, máchailighthe. Tá duine aimilithe agat leis an mbuille chamán: goirtighthe agat. Ní rángóchaidh sé puinn airgid ar an aonach, capall ró-aimilithe as a chosaibh deiridh seadh é: neamhshlachtmhar, máchaileach. Connus dhéanfadh méireannta aimilithe snáithín do chur i gcródh cumhang: méireannta goirtighthe nó neamhghasta. Ní fheiceann sé go cruinn, tá súile aimilithe aige ó chuaidh aol fútha: tá máchail éigin ar an radharc aige. Dá mbuaileadh an capall thu, bheidhfeá aimilithe léd shaoghal n-a dhiaidh: goirtighthe, máchaileach. Daoine bochta aimilithe n-a gcómhnaidhe ar thaobh cnuic: daoine gan treóir gan strus an tsaoghail ortha.

aimhleas: *f.3.* míothairbhe, dochar, díobháil; slighe olc nó dhrochthairbheach beatha. D'imthigheadar ar a n-aimhleas nuair thugadar iad féin ar ól, ar ráiseannaibh a's ar dhíomhaointeas: d'imthigheadar ar bhealach budh dhíobhálach dóibh. Is é a aimhleas do rinne sé an lá thug sé a chuid airgid ar an bhfeirm sin: rud docharach: do chaill sé leis n-a dhiaidh san. Má chuirir an garsún óg san isteach 'on chathair iasachta úd beir ghá chur i gconntabhairt a aimhleasa: beidh sé i mbaoghal dochair do dhéanamh do féin. Go gcuiridh Dia ar do leas tu mar is fada dhuit ar t'aimhleas: ar bhealach beatha atá ag déanamh do dhíobhála. Tusa a chómhairligh ar m'aimhleas me: tusa a bhí ag moladh slighe dhom a dhéanfad mo dhíobháil. Mara mbeadh an t-aimhleas ní dhéanfadh sé aon nidh do ghoid: drochstiúradh agus drochsholaoid. Bíonn an t-aimhleas ann: bíonn an duine sothuitthe. Ar t'aimhleas go dtéidhir (go n-imthighir): nár néir an rud is maith dhuit. An bhean san, sí aimhleas na gcéadta í: chuirfeadh sí na sluaighte (fear) ar seachrán lé n-a mealltóireacht. An aimhleas dom thu? an dochar dom teangbháil umat? Ní h-aimhleas duit teacht 'n-ár gcuideachtain: ní misdide thu theacht. Aimhleas t'anama bheith ag eascuinghe: ní maitheas dot anam é. Nílir ghom chur ar m'aimhleas á chómhairleach dom teacht chun cómhnuighthe san tigh sin? ghom chur amugha: ar an mbealach mícheart.

aimhleasta: *a.* baoth, droichstiúrtha, mí-iomchair; tugtha do chleasaidheacht. Ceanglann sé seanstán den asal, d'earball an mhadra, d'earball an chait, leanbh aimhleasta seadh é: ag síor-dhéanamh rudaidhe chun daoine do chlipeadh. Ní raibh sé riamh i gcuideachtain ná beadh fonn toirmisc air, tá sé chómh haimhleasta san: neamhmhacánta; fonn air bheith ag imirt cleas ar dhaoinibh. Ná bí chómh h-aimhleasta agus bheith ag argóint lé gach aonne a bhuaileas umat: chómh malluighthe. Bhíodh sé an-aimhleasta ar scoil: ag cros, ag imirt chleas chiapuightheacha ar a chómhdhaltaidhibh, gan aon riaghail leis. Ní scaoileann sé faic tharais, tá sé chómh h-aimhleasta san: ní féidir leis rudaidhe ná baineann leis gan bac leo.

aimhleisce: *b.4.* leascacht, leisce thar meón, dúireacht chun gnótha, neamhfhonn oibre, fuairthéidheacht. Ní lé dearmhad in ao'chor nár thug sé leis é acht le h-aimhleisce: leisce cuimhneamh ar rud nó neamh-shuim. Gheóbhadh sé bás leis an aimhleisce sula n-ullmhóchadh sé biadh dho féin: leisce throm. Leis an aimhleisce ní thosnódh sé in am, tá rian air, is déidheanach a ghnóth: neamhfhonn, leisce thar barr agus leadaidheacht.

aimhleisceacht: *b.3.* aimhleisce, an bhrigh chéadna.

aimhleisceamhail: *a.* an-leisceamhail ar fad, leisceamhail, neamhshuimeamhail, neamháirdeach amach agus amach. Táir chómh h-aimhleisceamhail agus ná corrófá dá mbeadh an tigh ag dóghadh ort. Ag cur de chómh h-aimhleisceamhail le silimide: chómh mall, righin, míothapaidh. Fear aimhleisceamhail a fhágfadh a chuid fóghmhair ar leathadh fén sín: fear neamhchríochnamhail gan fonn a ghnótha do dhéanamh air. Dob aimhleisceamhail an bheart duit gan éirghe níos moiche agus an oiread san lé déanamh agat agus a luighead eaga a fuairis chun a dhéanta: árdrighin ar fad, gan aon leithscéal. Dá aimhleisceamhla thaidhbhsigheann sé dhuit deineann sé a ghnóth gan chóngamh ó aonne: dá mhoille agus dá righine an clódh oibre atá air etc. Toisc a fhaid a chaitheas ag airneán airéir dob aimhleisceamhail me ag éirghe ar maidin indiugh: righin, neamhanamamhail, neamhéascaidh.

aimpléis: *b.2.* duadh, deacracht, crostacht, aimhréidhe. Ní hiongadh liom é bheith déidheanach, duine seadh é ná cuireann aon aimpléis (deabhaidh) air féin: corruighe nó duadh. Ní mór an choisidheacht do dheineas lé haimpléiseacht na h-áite: aimhréidhe. Ní deacair an cheist sin do réidhteach, níl aon aimpléis ag baint léi: crostacht. Ná cuir aon aimpléis orm agus éireóchaidh liom: ná déin aon rud a thiocfadh treasna orm i ndéanamh an ruda atá ar siubhal agam. Réidhtigh an aimpléis: réidhtigh an t-achrann.

aimpléiseach: *a.* duaibhseamhail, crosta, deacair. Obair aimpléiseach seadh foghluim na Gaedhilge do dhuine gan múinteóir maith: obair dheacair. Tá an oiread san lé déanamh agam gurb eagal liom go mbeidh an lá go h-aimpléiseach agam: go duaibhseamhail. Cúrsa ró-aimpléiseach do dhuine gan taithighe seadh gluaisteán do thiomáint: rud go bhfuil an iomad crostachta ag dul leis. Mara mbeadh aimpléisighe atá do scéal do chuimhneóchainn air: go n-iomad seachrán ó rian an scéil. Ná bí ag cur ceisteann chómh h-aimpléiseach lé "an mairfir céad?" orm: chómh neamhshoiléir. Is aimpléiseach an rud muirear mór ar lánamhain bhoicht: duaibhseamhail lé cothughadh agus do chlúdach in éadach.

aimpléiseacht: *b.3.* do bheith deacair, crosta, aimhréidh, doiléir. Lé haimpléiseacht seól agus téad na luinge dob fhada go dtáinig sé isteach ortha: toisc a líon agus doiléire a n-iondrabhála dob fhada go raibh sé cliste ar a ghnóth. Ní lé h-aimpléiseacht na hoibre ach lém dhailleacht féin gur theip orm: ní lé deacracht a tuigseana acht gan me bheith i ndán a fhoghlumtha. Ná bíodh aon aimpléiseacht id chuid scríobhnóireachta: bíodh sí soiléir.

aimhréidh: *a.* garbh, neamh-ionann, neamhshocair, achrannach, trí chéile, ar míriar. Ní luigheann uisce ar thalamh aimhréidh: talamh neamhchothromamhail. Chuir an saor an chloch aimhréidh ar an bhfalla: gan bheith n-a suidhe go socair. Cailleadh na céadta saighdiúiridhe ag gluaiseacht treasna tíorach aimhréidhe: tír chnocach, gan bóithribh, gan bealachaibh. Budh bheag an siubhal do dhein an gluaisteán ar an mbóthar aimhréidh: bóthar neamhmín. Chroch sí an peictiúr go haimhréidh ar an bhfalla: neamhshocair. Seachain tú féin annsan, tá an bád san an-aimhréidh: ní shnámhann sí go maith. Chaitheas an oidhche go haimhréidh im aigne ar an oileán fiadhain im aonar: suaidhte, buadhartha. Is aimhréidhe bhíonn an fharraige sa gheimhreadh ná sa tsamhradh: neamhshocra.

Suidheachán aimhréidh dhuit seadh stól san na coise briste: suidheachán gan fuaimeant. Ní hiongadh gur buaileadh an trucail béal fé ar bhóthar aimhréidh mar é: garbh, cnapach, ciseach. Ní fhéadfainn mo dhoradha do chur ag iascach mar bhí sé aimhréidh: ní rithfeadh sé as a chéile, bhí sé achrannach. Is aimhréidh í an bheatha don bpeacach: dian lé gabháil tríthe. Faillteacha aimhréidhe atá ar oirear Chiarraighe: faillteacha garbha, cuasacha, árda, fiadhaine. Cíor do chuid gruaige, tá sí go gránda, aimhréidh: gan sleamhaine, gan míne. Ní thaithnigheann an capall san liom, siubhalann sé aimhréidh: níl céimeanna tómhaiste, comhthroma, slachtmhara aige. Connus fhéadfainn rinnce leat, tá do chuid ceóil ró-aimhréidh dhom: neamh-ionann. Dá me thu, ní bhein ag brath rómhór ar chabhair an fhir sin, duine aimhréidh seadh é: níl sé seasamhach n-a thuairimidhibh, n-a ghealleamhaintidhibh nó n-a charadas. Ar theacht chun cómhnaidhthe dhom ’on chathair ar dtúis, thaidhbhsigh sí go h-aimhréidh dhom: crosta, dothuigse.

aimhréidhe: *4.* achrann, neamhionannas, míochomhthrom, imreas, teipeadh na cuimhne, seachrán aigne, gairbheacht áite. B’iongtach an treabh iad agus teaghalachas do dhéanamh in aimhréidhe an ghleanna san: achrann. Ní raibh in ár gcumas caladhthóireacht do dhéanamh ar an oileán lé h-aimhréidhe an oirir: ceal míne na tuirlinge (carraigeacha, etc.). Sé leathscéal a bhí ag an lucht gabhála nár bh’fhéidir leó conncas do dhéanamh ar an ndúthaigh, a h-aimhréidhe: gan í do bheith slinn, comhthrom, mín. Chaith na leanbhaidhe trí lá amugha in aimhréidhe na gcnoc sara bhfuairtheas iad: áiteanna daingeana, dothaisdil, garbha. An chéad uair a láimhseálas doradha bhíodh sé ag dul in aimhréidhe orm le fotharaga: ag ceangal ’sag ag dul in achrann. In a óige budh chuimhin liom go raibh Laoi Oisín go léir de ghlanmheabhair aige, ach i ndeireadh a shaoghail agus an chuimhne ag dul in aimhréidhe air ní thugadh sé leis in iomláine í: an chuimhne ag dul ar seachrán. Trí aimhréidhe na mbliadhan níor stríoc sé d’obair ar son na hÉireann: cruadhtan mór agus duaibhseamhlacht neamhionann. Ní phósfadh sé í le h-aimhréidhe a fiacal: gan iad do bheith curtha i gcóir. Ná bíodh a thuilleadh aimhréidhe eadrainn, déinimís muinnteardhas: faltanas, drochaigne. Lean sé air dá choirtheacht a bhí sé gan biadh gan deoch trí aimhréidhe gach bealaigh le súil go sroichfeadh sé a thriall: anacracht gach bealaigh. Chun na fírinne d’innsint, ní fheadar cad is maith dhom do dhéanamh, tá aimhréidhe éigin ar m’aigne indiugh: ceal socrachta agus suaimhneasa. Féach, a aimhréidhe atá na leabhartha san agat: gan riar ná slacht curtha lé chéile. D’éirigheas as an dtalamh lé n-a aimhréidhe: deacracht curadóireachta. Is deacair ao’nidh do dhéanamh ag aimhréidhe na h-aimsire: tamall olc, tamall maith, tamall gan bheith mar seo nó mar siúd. Ní h-iontugtha an uile rud do chreideamhaint uaidh, tá an ceann ag dul in aimhréidhe air: an mheabhair ag scaipeadh.

aimhréidheach: *a.* achrannach, deacair d’oibriughadh, doiléir, imreasach, trodach. Is aimhréidheach í cros-shráid i gcathair ar uain ghnóthaigh: achrannach, deacair lé riar. An té go mbeadh Gaedhileang na haimsire seo go maith aige ní bheadh an mheádhon-Ghaedhilg ró-aimhréidheach air: deacair lé hionnsaidhe. An-aimhréidheach orm do bhí an staighre sa doircheacht: deacair orm é do mheabharughadh. D’fhág sí áraiste an tighe go haimhréidheach tréis bídh: caithte trí chéile gan aon riar. Gidh gurbh aimhréidheach an cheist í a nochtadh cathain bhí sé n-a lánmhara i gCluain Tairbh lá an chatha do mhínigh an t-ollamh é: crosta, neamhshoiléir, diamhair. Ná bí aimhréidheach liom go gcloisir cad tá lé rádh agam: gan bheith trodach. Chaitheas mo shaoghal go h-aimhréidheach ó

dhúthaigh go dúthaigh agus ó ghnóth go gnóth: neamhshocair, seachránach. Dá labhradh sé níos aimhréidhighe ní thuigfeadh aonne é: b'andheacair lorg a chainnte do leanamhaint. B'aimhréidheach gach dúthaigh sa tseanaimsir sar ar deineadh bóithre a's bealaigh ionta: deacair do thaisdeal.

aimhréidhteach: *f.2.* easaontas, achrann. Ní maith é an t-aimhréidhteach: idir chómharsannaibh: ceal síothchána. Aimhréidhteach budh bhun lé n-a ndul ar lár: gan fanacht i síothcháin 'si bhfochair a chéile. Cad é an t-aimhréidhteach é seo ameasc na ndaoine i dtaobh ranna an airgid? ceal bheith ar aon fhocal, aon inntin. Bíonn aimhréidhteach an domhain i dtigh nuadhshealbhuighthe: is beag rud a bhíos n-a ionad cheart. Goirtigheann mo bhróga mé lé n-a n-aimhréidhteach: an bonn ón dtaobh istigh gan bheith slachtmhar, mín.

aimhriaghalta: *a.* díth-smachta, i bhfonn an dlighe do dhímheas, gan riar, neamhfhéitheamhanta. Leanbh aimhriaghalta ar scoil agus ag baile seadh é: ní ghéilleann sé do smacht; deacair do chongbháil ar an mbealach ceart. Nuair tosnuightear ar chapall do bhriseadh bíonn sé aimhriaghalta: ní chlaoidheann sé le hobair. An té a iomcharas scian ar thí dhuine eile, duine aimhriaghalta seadh é, gan amhras: duine nách ngéilleann do chóir nó cheart bunuighthe. Tá aon bhriathar déag aimhriaghalta sa nGaedhilg: briathra nách ngabhann le riaghalachaibh críochnughadh claonta. Is aimhriaghalta an diaillín tú: malluighthe, nách h-iomcharann tu féin mar ghníos an gnáthdhuine. Is oth liom a rádh gur duine aimhriaghalta im bhéasaibh me: corr, nách mar a chéile ghním i gcómhnaidhe. Ní h-iongadh gur thréig sé go luath 'n-a shaoghal, mar beatha aimhriaghalta do chaith sé riamh: beatha gan iomchar maith dá shláinte ná dá chonbharsáid le cách. Clann chómh h-aimhriaghalta seadh iad ná déinid rud ar athair ná ar mháthair: imthighthe ó smacht. Ní dheárna sé ar feadh m'aitheantais air rud aimhriaghalta: a thuillfeadh milleán aonne. Leathscéal maith ag tíorthaibh láidre riamh curisteach ar thíorthaibh laga, a rádh go mbíd aimhriaghalta: gan bheith in ann iad féin do riarughadh mar budh cheart do threabhachaibh tíorachais.

aimhriaghaltacht: *b.3.* ceal riaghaltachta, smachta, riara, neamh-ghéilleadh. Cuireadh abhaile ón gcoláisde é lé n-a aimhriaghaltacht: gan géilleadh do smacht ná do riar na h-áite. Ghoideadh sé, shladadh sé, choilleadh sé, mharbhuigheadh sé, dob é mac na h-aimhriaghaltachta é: bun-os-cionn do bhíodh a uile ghníomh.

aimrid: *a.* duine díthshíolbhaigh. Throideadh sé lé n-a mhnaoi toisc í bheith aimrid: ná saoghaluigheadh sí clann. Bean aimrid atá pósta agam: bean nách mbeireann toradh.

aimhriocht: *b.3.* crot no clódh neamhmhaiseamhail. Ní aithneóchainn choidhche thu, cad chuir an aimhriocht so ort? an clódh neamhghnáthach, míothaithneamhach so. Níor thaithnigh a aimhriocht liom nuair chonnac go déidheanach é: clódh ar olcas nár dhual do.

aimsear: (**aimsir**) *b.2.* am, seal, sealad, saosúr, síon, (am áirighthe), tréimhse; fochtadh, adhmanas, fóghnamh. Bímid go léir ag cáiseamh na seanaimsire, ghá rádh ná bhfuil aon bhreith ag an saoghal so uirthe: an t-am nó an saoghal atá thart lé fada. In aimsir na gorta

do fuair na céadta mílte bás lé h-ocras: le linn na gorta. In aimsir ár Slánuightheóra do bheith ar an dtalamh: sa tsaoghal go raibh Sé ann. Tímcheall na haimsire do bhí Peáirnéil in aoirde a láin seadh do saoghaluigheadh me: tímcheall an ama chéadna. Ar feadh na h-aimsire do bhíos ag cainnt leis an sluagh do bhí dream diaill ar chiumhais an chruinnighthe nár staon de bheith ag búifrigh fúm: an fhaid agus bhíos ag cainnt, etc. Gidh nách bhfuil ann ach achar trí mhíle ó chaladh go caladh, chaith an nadhbhóg aimsir fhada ag teacht: seal fada. Cad é an aimsir do chaith sé ag an ndoras? an fhaid ama. Ní scaoilfear as an gcarcar go fóill é, níl a aimsir istigh go ceann ráithe eile: ní bheidh an tréimhse carcair do gearradh air críochnnuighthe aige. Budh dhian do bhí aimsir na ndeacaithe ar an gcoitchiantacht: an ré go rabhthas dhá chur i bhfeidhm. In aimsir m'óige ní bhíodh gluaisteáin ann: i rith na tréimhse sin. Aimsir bhocht ag iascairidhibh doradhtha seadh í ó thosnuigh na cochalóiridhe: saoghal bocht. Is eagal liom go mbéarfaidh aimsir níos boichte orainn: saoghal níos boichte. Cad é an saghas aimsire a bhí agaibh ar an bpósadh? ar bhaineabhair aoibhneas as nó an rabhabhair déistinneach de? Cá h-aimsir do ráinig sé an baile? cad é an uain nó an tráth? Luathuigh! níl mórán aimsire agat chun beartha ar an dtraen: mórán ama. Níl aon rud nách bhfuarann i bhfaid na h-aimsire: ar mbeith do mhórchuid ama gabhtha tharainn. Tá aimsir dúnta na dtighthe thábhairne istigh: an t-am gur ceart dréir dlighe na dóirse do dhúnadh. Ó tá an duine breóidhte ag breith na h-aimsire leis, tá gach aon dul aige go dtéarnóchaidh sé: am dhá chaitheamh aige agus gan an bhreóidhteacht ghá chlaoidheachtaint. Is beag aimsir do thugadh tighearnaidhe talmhan uatha gan a gcíseanna do bhaint amach: eaga. Ní mór lón agus aimsir do chaitheamh leis an obair seo: biadh agus eaga gan deithineas. Ná bí ag caitheamh do chod' aimsire ag cainnt leis an amadán san: roilleach ama seadh é. "Tapaidh annsan!" – "aimsir": beir fada air. Cuireadh aimsir liom an leabhar so do bheith críochnuighthe agam: eaga áirighthe cinnte (dhá bhliadhain cuir i gcás). Cártaidhe an t-aon chaitheamh aimsire do bhíonn aca ar an oileán sa gheimhreadh: an rud a bheireas dóibh an t-am do chur thársa agus coinnimh do thabhairt don aigne. "Is maith an scéalaidhe an aimsir": ní ar an láthair do bhítear deimhnightheach d'aon rud. Bíodh do mhuinghin as an aimsir chun na Gaedhilge d'aithbheódhachtaint: an tréimhse atá rómhainn amach. Scuirimís, tá sé in aimsir bídh: in am ruda d'itheadh. Bhuail sé chughainn isteach tímcheall aimsir chodlata: an tráth gur gnáthach dul a chodladh. Déarfainn go bhfuil sé in aimsir pósta agat go maith: gur mithid duit pósadh. Casadh ar a chéile sinn aimsir dá rabhas i nGaillimh: tráth n-aon. Is olc an aimsir aimsir shneachtaidh: is olc an tréimhse síon shneachtaidh. Aimsir mhaith atá ar an mbogha san ar an ngealaigh: síon bhreágh. Cad é an saghas aimsire atá in Áth Cliath an tseachtmhain seo? aiste an aeir maidir le aoráid, fáscadh (teannadh), taisireacht, etc. B'olc an aimsir do tháinig ar luing gur mhúch sí í: an-fharraige (ard, garbh, fíochmhar). Chaitheas seacht mbliadhna in aimsir ag an bhfeirmeóir: in adhmanas ceapuighthe, teórannta. Ní raigheadh sí n-a cailín aimsire, b'fhearr léi oibriughadh dréir a tuarasdail lae: ní chuirfeadh sí cuing uirthe féin fanacht in adhmanas ceapaighthe. Chuadhas go Tráighlí ar lorg aimsire: adhmanas ar feadh tréimhse áirighthe. Chuireas aimsir ráithe orm féin: rinneas daingean nó cor go n-oibreóchainn ar feadh an ama san. Gheibhim trí seachtmhaine laetheanta saoire aimsir na Nodlag: lé linn na Nodlag. Díolann sé a lucht oibre dréir aimsire: an oiread san sa ráithe, leathbhliadhain, nó sa bhliadhain agus ortha gach aon tsaghas gnótha do dhéanamh. "In aimsir caithte coda do saoghaluigheadh thu", deirtear le duine a bhuaileas isteach gan choinne nuair bhíonn an biadh ar siubhal.

aimsir: (farraige árd, fhiadhain). Briseann an aimsir go féar glas ann sa gheimhreadh: bíonn an fharraige ar buile. Ghaibh an aimsir lastuas den luing: mhúch an fharraige árd í. An dóigh leat go mbeinn im bhuachaill aimsire agat? go mbeinn ag déanamh gach gnótha dhuit-se ar t'iarratas.

aimsighim: [**aidhmsighim**] *b.a.* dírighim rud mar arm nó urchar ar sprioc áirighthe: ionnsaidhim: buailim an cómhartha nó an sprioc: aithnighim in achar: nochtaim, ghéibhim eolas ar: sroichim trí chuardach, buailim mo mhéar ar: gnóthuighim. Seo gunna dhuit, aimsigh ar an gcómhartha úd agus buail má fhéadair: dírigh an gunna i slighe go mbuailfidh an t-urchar atá ann a thriall. Dá mbeitheá ag caitheamh ar éanlaithibh choidhche ní aimseófá ceann aca leis an ngunna san mar tá an radharc mícheart: ní bhuailfeá. Ó n-a chuid cainnte tuigeadh dom gur aimsigh sé ort-sa: gur tusa budh bhun lé n-a ráidhtibh. Rófhada dhom ag siléig annso aimseóchad an baile feasda: gluaisfead fé n-a dhéin. Gan aon choinne agam leis aimsigheadh sa tsúil me le buille chloich: buaileadh mé. Thugadar seal ag caitheamh ar geall agus níor aimsigh duine aca ach uair amháin an marc: ní dheachaidh a urchar san áit do theastuigh uaidh. Ag faire agus ag scrúdughadh tóin an phuill dóibh d'aimsigh duine aca corpán báidhte: thug sé fé ndeara. Lé doircheacht na hoídhche níor aimsigh an fear an tigh go maidean: níor shroich sé. Sin thall fear do chonnac go minic cheana táim deimhnightheach, ach ní aimsighim é: ní aithnighim. Chuarduigheas an tsráid ar fad don siopa do mholais dom ach níor aimsigheas é: ní bhfuaireas amach é. Is breágh an t-uaireadóir é sin agat, cár aimsighis é? cá bhfuairis é. Tréis bheith ar lorg ar feadh na mbliadhan d'aimsigh sé bean sa deireadh: fuair sé beanchéile dho féin. Nuair bhí an t-urchar deireannach caithte aige d'aimsigh sé a chloidheamh: chuaidh sé i leith a chloidhimh chun troda do dhéanamh. Chuadar chómh dian san ar a chéile lé hachmhúsán agus tarcuisne gur aimsigheadar sceana chun a chéile: go raibh a dtriall ortha. Ná h-aimsigh cainnt droch-labhartha chugham-sa, níl sí tuillte agam uait: ná bíodh do thriall uirthe. Cár aimsigheabhair a chéile? cár bhuaileabhair le chéile? D'aimsigh an bacach na clocha nuair chuaidh na madraidhe ar a thóir: rug sé ortha chun a gcaithte. D'aimsigh an leigheas an cheasnaidhe: do shroich sé an áit go raibh an buaidhreamh. Trí chruinneas a shúl d'aimseóchadh sé aon rud: chuirfeadh sé abhaile urchar ar aon áit go ndíreóchadh air.

aimsiughadh: [**aidhmsiughadh**] (-*ighthe*) do dhíriughadh ar agus do bhualadh, do threórughadh, d'fhagháil, do ghnóthughadh; ionnsaidhe. Aimsiughadh maith seadh faoileann do bhualadh le piléar gunna caoga slat ó bhaile: díriughadh agus caitheamh nách dtéidheann amugha. Ag aimsiughadh na cloiche ar an bhfuinneóig cad bhuailfeadh an garsún ach fear an tighe: ag treórughadh. Ní fhéadfainn an leabhar a bhí uaim d'aimsiughadh in aon tsiopa: d'fhagháil. Tréis aimsighthe ionaid fén riaghaltas dom pósfad: tréis an ionaid do ghnóthughadh. Gránda, neamhdhaonna an t-aimsiughadh do rinneadar air agus é do ghortughadh gan chúis: an t-ionnsaidhe. Táim ag aimsiughadh ar bheith im dhochtúir: tá m'aigne agus m'iarracht air. Nár mhór an t-aimsiughadh ó bhuachaill bocht mar é bean chómh saidhbhir d'fhagháil: iarracht éirightheach.

aimhshrianta: *a.* díothumhalta, neimhfhéitheamhanta, deacair do riar, d'iondrabháil nó do smachtughadh. Mac aimhshrianta dob eadh é ná déanfadh cómhairle a mhuinntire,

agus do ruaig a athair ón dtigh é: ná raibh umhal. Ní bhein chómh h-aimhshrianta san ’s ná géillfinn d’aitheasc na seanóiridhe: neimhfhéitheamhanta, díothurramach. Duine aimhshrianta ná luighfeadh cómhairle na dlighe air dob eadh é: duine ceanndáine, toileamhlach. Dob aimhshrianta liom an stail chapaill agus chuireas a chúram díom: deacair do smachtughadh. Do bhíodh an diall ag cur smaointe aimhshrianta i gceann an ghadaidhe: smaointe fiadhaine budh dheacair do chongbháil fé chois. Do scrios, do loisc agus do chreach na saighdiúiridhe aimhshrianta an dúthaigh uile: saighdiúiridhe drochaigeanta gan choguas, gan smacht ortha.

ainbheart: *b.3.* droichghníomh, olc. Dá mhéid ar ghaibh sé tríd agus do deineadh mícheart air ní dheárna sé ainbheart riamh: beart nó gníomh olc. Cad eile é ach ainbheart luighe trom ar bhochtaibh? gníomh olc. Go maithidh Dia dho is iomdha ainbheart do rinne sé ag scriosadh na ndaoine as a mbailtibh: olca gránda.

ainbheartach: *a.* droichghníomhach, tugtha d’olcaibh. Riamh bhí muinghin agam as an bhfear go dtugas iasacht mo chod’ airgid do, dob ainbheartach do cliseadh orm: cam, neamhfhearamhail. Chuaidh sé ag bailiughadh airgid dos na díbhleachtaidhibh agus choimeád sé an uile phingin de, nár bh’ainbheartach an obair aige í?: malluighthe, diallta. Dob ainbheartaighe dhó an t-aon mharbhadh do dhein sé ná an méid gadaidheachta ar fad: budh mheasa, budh dhologhtha. Cúig bhliadhna a chaith sé ’n-ár gcuibhreann, agus nuair bhí eolas ár rún aige do scéidh sé orainn go h-ainbheartach: go fealltamhail.

ainbhéas: *f.3.* béas olc, béas neamhghlan. Ainbhéas seadh leigeant do leanbhaidhibh bheith ag cur ’sag cúiteamh lé daoinibh fásta: béas nách ceart dóibh do chleachtadh. Fairír, is iomdha ainbhéas a ghaibh liom, mar budh mhinic me ag briseadh aitheanta Dé: béasa in aghaidh riaghaltachta. Is annamh oidhche gan mé ar deargmheisce, ainbhéas nách bhféadaim do thréigean, fairír: gnás, droch-chleachta. Ainbhéas eile do chleachtaim mar is róchonntabharthach bheith ag caitheamh toitínidhe roimh bhiadh na maidne dhom: béas nó gnás nách maith dhom shláinte. Ainbhéas duit do cheann do chur sa chainnt seo nách mbaineann leat a’s gan aonne ghá iarraidh ort: drochmhúineadh. Níor bh’ainbhéas leis suidhe im ionad ag an mbórd, teallaire mar atá ann: níor dhroch-mhúinte leis sin do dhéanamh. Ní raibh sé lá riamh ar scoil, agus is óg d’éag a mhuinntir, an iongadh gan ach ainbhéasa aige? béasa gan múineadh.

ainbhéasach: *a.* go mbéasaibh olca; gan béascnaidh, gan chneastacht. Bhailigh sluagh aca tímcheall na conntabharach, ag brúghadh ’sag sádhadh a chéile go h-ainbhéasach: gan aon ghéilleadh dá chéile mar bheadh ainmhidhthe. Pé locht atá nó nách bhfuil ar mhuinntir na hÉireann, nílid ainbhéasach: níl ceal cneastachta is lághachta ortha. Is ainbhéasach an t-ógánach tú, ní leigeann tú focal as bhéal aonne gan treasughadh air: ógánach ná n-iomcharann é féin ar chuma thaithneamhach.

ainbhéasacht: *b.3.* aiste droichbhéas. Tréis a rádh leat fanacht let uain chun labhartha ní fhéadfá le hainbhéasacht gan bheith ag treasnaíl: ceal béas. (Feic **ain-bhéas**)

ainbhfeóil: *b.3.* borradh droichfheóla i gcneadh nó i ngoin. Chaith an dochtúir an ainbhfeóil do ghearradh, bhí an chneadh chómh conntabharthach san: an fheóil bhorb.

ainbhfíor: *f.* bréag. Is ainbhfíor a rádh ná rabhas ann mar cruthóchaidh céad duine é: ní h-í an fhírinne í. Gan ainbhfíor dhuit, a chara, is maith liom tú: go deimhnightheach duit. Is minic a deir duine ainbhfíor gan choinne: rud is dóigh leis bheith fíor agus gan fonn air malairt na fírinne do rádh.

ainbhfios: *f.3.* ceal eólais, eolas mícheart. Is deacair do dhuine ainbhfeasa a ghnóth do dhéanamh: duine gan eolas cruinn ar a ghnóth aige. Níor bh'iongadh ainbhfios a chreidimh bheith air mar nár múineadh riamh an teagasc críosdaidhe dho: ceal eolais. Bhíos in ainbhfios gur mhair aonne liom, mar nár chuala trácht ná tuairisc riamh air iad do bheith ann: bhíos dall ar a maireachtaint. Lucht ainbhfeasa seadh iad, ní rabhadar riamh ar scoil: níl aon tabhairt suas ortha. Níl neach nách bhfuil in ainbhfios an bháis: ní fios d'aonne cathain a thiocfaidh sé. Dá mbeadh malairt eolais agat ní bheadh ainbhfios cainnte agat: cainnt neamhaireach: cainnt gan suim i gcóir ná i gceart.

ainbhfiosach: *a* aineólach, ceal eólgach, do-aithnid, deóranta. Táim ainbhfiosach ar Ghréigis: níl aon eolas agam uirthe. Duine ainbhfiosach ar chéird seadh, is neamhshlachtmhar an t-éadach do dheineann sé: gan an t-eolas cruinn uirthe. San dúthaigh seo is ainbhfiosach dúinn teas mór agus fuacht mór: níl taithighe againn ortha. Rugadh ar iasc ainbhfiosach an lá fé dheireadh: níor bh'eól d'aonne cad é an saghas é mar ná feacthas a lithéid cheana. Daoine ainbhfiosacha atá n-a gcómhnaidhe san áit iargcúlta úd: gan aon chur amach aca ar an saoghal lasmuigh trí cheal conbharsáide. Ná bíodh aon iontaoibh agat as a dhearbhughadh, ní raibh sé riamh ach ainbhfiosach san bhfírinne: níor labhair sé riamh í. A gharsúin, beir ainbhfiosach múna dtéidhir ar scoil: ní bheidh eólas ná tabhairt suas ort.

ainbhreith: *b.3.* breitheamhnas nó moladh mícheart nó éagcórach, éagcóir. Cinnte, dob ainbhreith duine do chur thar farraige i dtaobh caorach do ghoid: dob annspianta an breitheamhnas é ar choir chómh héadtrom. Ainbhreith dom dob eadh mo bharamhal do thabhairt ar an gcéad scéal sara mbeireadh an dara scéal orm. Cé gur dhearbhuigh fiche fíné nách mé do rinne an choir do dhaor an breitheamh me, thug sé ainbhreith orm: breith (breitheamhnas) éagcórach, dian.

aincheangal: *f.1.* ceangal nó cuibhreach nó cómhgas míochuibheasach. Budh chuma cá déine do chuadhthas ar ghadaidhe aca ní scéidhfeadh sé ar an gcuid eile bhí an oiread san aincheangail aca dá chéile: báidheamhlacht dochuimse. Ní leigfeadh a muinntir di é do phósadh toisc é bheith caoch ach budh mhór é a haincheangal do gur fhan sin aontumha i rith a beatha: bhí a cion air chómh mór sin.

aincheann: *f.1.* ceanndáineacht, díothumhaltacht. Má bhír ródhian orm fógraim ort go raighead chun ainchinn ort: cuirfead stailc suas. Bí foighneach leis má thá súil agat aon nidh d'fhaghail uaidh, mar duine ainchinn seadh é: duine gur furaiste smailc is ceanndáine do chur air. Ainmhidhe ainchinn seadh asal go minic: dúr, díothumhalta. Buachaill ainchinn dob eadh é ná déanfadh rud ar a mhuinntir, agus d'imthigh sé in arm dá n-aindeóin: budh mhaith leis a thoil féin do bheith aige. Is mór an t-aincheann é ná h-

íosfadh sé a's ná h-ólfadh sé: dúire, pusghal, ceanndáine. Lé h-aincheann ní fhágfadh sé an falla gur thuit sé air: fonn a shlighe féin do bheith aige.

aincheart: *f.1.* éagcóir, neamhcheart, mícheart, i gcoinnibh an chirt. Aincheart don Iodáil seadh dul do ghabháil na h-Aibisíne: níl sé dréir fírinne ná córach, níl sé dréir na dlighe budh chóir do dhíreóchadh gníomhartha an duine. Aincheart do dhuine shaidhbhir luighe trom ar dhuine bhocht: níl sé dréir na dlighe budh cheart do riaróchadh ár ngníomhartha. Aincheart seadh mí príosúin do chur ar dhuine ocrach a ghoideas bollóg aráin agus na cosa do thabhairt do chamaire a bhailigheas chuige cuid na gcéadta. Chuir sé an oiread san feirge orm gur dhearbhuigheas go ndéanfainn díoghaltas ar gach aincheart dá ndeárna sé: go mbeadh sásamh agam as gach éagcóir.

aincheart: *a.* éagcórach, mícheart. Rud aincheart seadh cuid do chómharsan do bheith agat: rud éagcórach. Nách aincheart an gníomh d'fhear mhór ghroidhe mar thusa garsún beag do chur ag gol: níl cóir ná meas ag dul leis. Níorbh aincheart leis cur isteach ar ghnóth aonne: budh chuma leis cad mar gheall air aonne ach air féin. Dob ainchirte liom rud do bheith agam ó dhuine bhocht ná ó dhuine shaidhbhir: im thuairm-se rud nách cóir seadh é.

ainchreideamh: *f.1.* ceal creidsine, ceal creideamhna i nDia. Ní maith bheith ag áiteamh ar fhear ainchreidimh, mar ní ghéillfeadh sé d'aon nídh dá shoiléire: duine ná creideann go bhfuil Dia ann. Chuireadar dlighthe ainchreidimh i bhfeidhm ag cosc úrnaighe 'sag dóghadh eaglaisidhe: dligthe ag diúltughadh do Dhia.

ainchreidimheach: *a.* neamhghéilleach d'ao'nidh. Ná bí ag cur do chuid cainnte leis an nduine ainchreidimheach san ná géilleann d'aon nidh a déarfá leis: duine deacair doi-fhéitheamhanta, do-áitimh. Téidhtear tar lear chun críostaidhthe do dhéanamh de dhaoinibh ainchreideamheacha: daoine ná creideann san bhfíor-Dhia.

ainchreidmheach: *f.1.* duine gan chreideamh, ná creideann i nDia ná i gcríosdaidheacht. Tá trua agam don ainchreidmheach bhocht dall ná téidheann chun teampaill ná le húrnaighe: duine ná tugann tur ar theachtaireacht Chríosd ná ar a theagasc. Ní fhéadfainn faic a chur n-a luighe ar ainchreidmheach mar thusa ná géillfeadh do thuairm ná do bharamhal aonne seachas tú féin.

ainchríonna: *a.* dána, neamhghasta, neimhchliste, neamhaireach. Dob ainchríonna dhuit léimeadh as an ngluaisteán agus é sa tsiubhal: ceal féachaint rómhat mar budh cheart. Shaoileas ná rabhais chómh h-ainchríonna agus do chuid airgid do chur i ngnóth chómh beag toraidh lé ceannuightheóireacht éisc fé láthair: chómh beag thuigseana. Nuair bhíonn daoine óg bíonn siad ainchríonna: gan chiallmhaireacht, gan ghaois. Ná bí chómh h-ainchríonna a's go raghfá i bhfiachaibh thar riocht a ndíolta: ceal caillmhaireachta, ceal meabhrach cinn go mbeadh ar do chumas iad d'íoc.

ainchríost: *f.* duine in aghaidh Chríost. Cuireann a ráidhte scannradh im chroidhe an tslighe labhrann sé i dtaobh Dé, níl ann ach ainchríost.

ainchríostaidhe: *f.4.* duine ná creideann i gCríosd, duine nách gcreideann in aon nidh. Ruaig sé an chléir agus dhóigh sé na h-eaglaisidhe an t-ainchríostaidhe: duine nár ghéill do mhúineadh Chríost. Chaith sé amach ar an mbán na daoine bochta, an t-ainchríostaidhe: duine gan truagh, gan taise, gan daonnacht.

ainchríostamhail: *a.* neamhchreideamhach, cruadhálach, gan géilleadh do Dhia, barbardha. Dlighthe ainchríostamhla ag cosc na ndaoine ó n-a gcreideamh do chleachtadh: dlighthe cruaidhe barbardha gan géilleadh do Dhia ná do dhuine. Daoine ainchríostamhla gan géilleadh do Dhia ná dhuine a scriosadh an tír a's a mharbhuigheadh na daoine: nár ghéill do mhotháilt ná do dhlighe. An bacach bocht do thiomáint ón ndoras agus a shéanadh, is ainchríostamhail an nidh é: cruadhálach, neamhdhiadha.

ainchríostamhalacht: *b.3.* in aghaidh críostamhlachta, díthchreidimh; cruadhálacht, barbardhacht. Lé hainchríostamhlacht na h-aoise cuirtí chun báis an uile dhuine a admhuigheadh Dia ós árd: le binbh in aghaidh Dé agus teachtaireachta agus teagaisc Chríost. Do ghearradar an teanga asta agus do teascadh na cluasa aca le h-ainchríostamhlacht na dúthaighe: barbardhacht agus cruadhálacht: ceal géillte do mhúineadh Chríost.

aindearbh: *a.* neimhchinnte, neimhdheimhinighthe, neamhdhearbhtha, taomanach. An chineadh daonna aindearbh ar an mbás dearbh: cách neimhchinnte den lá go dtiocfadh an bás go cinnte. Táim aindearbh go dtiocfaidh aon fheabhas ar an nduine breóidhte, tá sé an-shuarach: neimhdheimhinigtheach. Toisc dhoirceacht na hoidhche agus sleamhaine an tseaca bhíos aindearbh dem chéim: eaglach go mbainfí me. Dá fhaid m'aithne air ní rinne sé riamh aon nidh do gheall sé, tá sé ró-aindearbh: taomanach. Níor mhaith liom dul ró-fhada ó bhaile in aimsir aindearbh mar seo: aimsir atharuightheach. Is tu an duine is aindearbha ar m'aithne: an duine is luathinntinighe. Is aindearbh liom an leac oidhir chun siubhalta uirthe: do-sheasaimh.

aindeis: *a.* neamhghasta, tuathalach, míoshlachtmhar; ceasnaidheach, clamparach; neamhchaothamhail, truaghánta, truaillighthe, anródhach, olc. Is aindeis do chuirir chun scríobhnóireachta: tuathalach, neamhghasta, ar chuma nách féidir scríobhnóireacht shlachtmhar do dhéanamh, neamhchruinn. Léd mhéireannaibh aindeise seadh leagais an lóchrann: méireanna tuathalacha, neamhchruinne. Ní fheaca im shúilibh cinn déanamh níos aindeise ar chasóig 'ná é sin: níos measa, neamhshlachtmhaire. Bíonn cosa aindeise fé eala: cosa ná fuil ró-chruinn, nách ngluaiseann go seólta. Tógáil aindeis atá ar an dtigh sin, lag annso agus pluc annsúd: tuathalach, gan slacht. Bliadhain aindeis ag feirmeóiridhibh seadh í, drochaimsir do bharraidhibh a's luach shuarach ar thorthaibh: bliadhain olc. Nách aindeis d'éirigh sé dhi sleamhnughadh ar an úrlár a's a cos do bhriseadh: go mío-ádhmharach. "Connus tá ag éirghe leat?" – "Go haindeis": gan aon rath. Is aindeis a rinnis orm é nár bhuail liom mar gheallais dom: bhíos déidheanach mar gheall ort agus chailleas an traen: olc. Sláinte aindeis atá aige: ceasnaidheach. Gaedhilg aindeis d'fhoghlumuigh sé: Gaedhilg neamhchruinn. Dá mb'aindeis leat do bhean do bheith n-a haonar do raghfá abhaile chúiche: dá ndeineadh sé tinneas duit. Is aindeise (aindeisighe) liom orm féin é bheith gan airgead ná ortsa: is measa liom me féin dhá cheal. Thána isteach ortha ar uain aindeis agus iad ag cúlchainnt orm: uain

neamhchaothamhail dóibh sean. Tugaid a saoghal go h-achrannach, aindeis: clamparach. Ní dóigh liom go bhfuil sé ach go h-aindeis fé láthair, dá mhéid a shaidhbhreas seal: go bocht, go h-olc as. Scéal aindeis an tslighe do bádhadh é: teangbháil mhío-ádhmharach. Clódh aindeis atá air mar chapall ráis: is fada ó rás a bheith ann an chuma atá air. Múineadh aindeis a fuairis agus a rian ort: múineadh gan mhaith. Tréis a bháis d'fhág sé a chlann go h-aindeis: bocht mío-ádhmharach. Is aindeis an tsúil atá agat: tinn nó míochórach. Oidhche aindeis do chuireamair isteach ar an bhfarraige: annródhach nó gan ao'nidh dá bhárr. Póstaidheacha aindeise bhíonn ann anois gan digh, gan amhrán, gan bhiadh, gan cheól, seachas bliadhanta ó shoin nuair bhíodh flúirse, raidhse agus cáiréis. Ainm aindeis atá orm anois ó rug an bhochtanacht orm: ní labhrann aonne go maith orm. Is aindeis an fear me ná rug ar an dtéid nuair caitheadh chugham í: gan tapamhlacht. Ag taisdeal bhóthar aindeis ataoi riamh: bóithre deacra. Gort aindeis, cnoc aindeis: gan bheith réidh, comhthrom. Ní fhéadfadh sé an bealach d'fhágaint ón gcapall, fear aindeis mar é: trom, mall, neamhéascaidh. Ní fhéadfainn léigheamh dá mbeadh fiche súil agam leis an solas aindeis sin: solas caoch, dall. Éan aindeis as a cosaibh seadh an eala: siubhalann sí go neamhsheólta. Imireóir maith peile do bheadh ionat mara mbeadh tú bheith aindeis as do ghéagaibh: neamhchruinn, gan bheith i ndán beartha uirthe go pras.

aindeise: *b.3.* ceasnaidhe, clampar; neamhchoinne, neamhchaothamhlacht, tuathalacht, olcas, truaillightheacht, anródhacht, neamhghastacht, míoshlacht. Aindeise an tsaoghail, bochtanacht, cruadhobair, breóidhteacht d'fhág mé mar táim: cruadhtan mór. Ní rabhais riamh, mo thruagh thu, gan aindeise éigin: ceasnaidhe, cruadhtan, rud éigin ghod chiapadh. Cailleadh a fear go luath agus fágadh le clann óg í. Fágadh fén aindeise: clampar. An lá phósfair cuirfir srathar na h-aindeise ort féin: cuing an anróidh. Ní h-é meádhachtaint an ualaigh acht a aindeise ná féadfainn é d'iomchar: tuathalacht, ceal é do bheith comhthromamhail. "Chaill sé a shúil dhá lá ó shoin" – "an fear bocht, is fada an aindeise air": bíonn rud éigin díobhálach ag éirghe i gcómhnaidhe dho. Níor bh'fhuraiste teacht i dtalamh ann le h-aindeise an chalaidh: achrannach nó corraigheach. Is rí-dheacair taisdeal le h-aindeise na h-aimsire: olcas (bheith fiadhain nó fliuch nó sneachtamhail). Níor fhanas sa tigh acht seachtmhain nuair fhágas iad, ní fhéadfainn bruic lé n-a gclainn, a lithéid d'aindeise ní bhfaghfá in aon tigh: ceal smachta, ceal glaine, ceal béas nó a lithéid eile. Ní léighfeadh aonne an leabhar le h-aindeise a scríbhte: olcas. D'ólas cuid di, chaitheas an chuid eile uaim le h-aindeise na dighe: olcas. Chaill sé a chuid ar fad lé n-a aindeise: neamhghastacht, ceal aire. "Ní h-aindeise go dtí so é", deirtear nuair thuiteann rud éigin an-olc amach ar dhuine nár bh'é an chéad uair aige máchail do thárlachtaint do. Sé dheineas aindeise don gcasúr san go bhfuil an chos ar bogadh ann: tuathalacht, díobháil, cur siar. Aindeise an oighin fáth an drochchíste: toisc an t-oighean do bheith lochtach ar shlighe éigin seadh gan an t-arán do bheith níos fearr 'ná tá sé. Bhí an tigh ag dul ó aindeise go h-aindeise gur briseadh ar fad sa deireadh iad: ó mhío-ádh go mío-ádh.

aindeiseach: *a.* truaghántach, fíorbhocht. Ól a's ragairne d'fhág é go h-aindeiseach: gan faic do bheith aige. Níl talamh aca, níl tuarasdal aca, connus bheidís ach go h-aindeiseach: go lánbhocht, truaighmhéileach.

aindeiseacht: *b.3.* tuathalacht, tútacht, bochtanacht. Aindeiseacht mo bhróg do leag me: tuathalacht, deacracht a iomchar i gceart. A aindeiseacht ar chúl na conntabharthach do

thug an bóthar do: a thútacht chun a gnótha do dhéanamh budh fáth lé n-a bhriseadh. A aindeiseacht de chaptaen do chaill an bád: ceal eólais chruinn ar a ghnóth do bheith aige. Ní h-aindeiseacht acht sprionnlaitheacht ná leigfeadh a chroidhe dho maith do dhéanamh: ní bochtanacht budh bhun leis. Thuitis, t'aindeiseacht féin is bun leis: ceal aire. "Cad é an aindeiseacht atá ort anois?" – "aindeiseacht airgid": gan a chothrom airgid aige.

aindeiseóir: [**aindiseóir**] *f.3.* duine, ainmhidhe, nó rud mío-ádhmharach, duine dearóil, truaghán, duine míolúthmhar, míothapaidh. Do rinne mo mhéar thinn aindeiseóir díom: is deacair dom aon rud do dhéanamh aice. Aindeiseóir fir seadh é, féach an tslighe chuireann sé roimis adhmad do ghearradh: duine gan eólas aige air nó ná fuil lúthmhar, líomhtha 'n-a ghéagaibh. Fág mo shlighe, a aindeiseóir, ní bhein ag féachaint ort ag déanamh teine: a dhuine thuathalaigh. Aindeiseóir ar threabhadh (ar scríobh, ar rith, ar rámhaidheacht etc.): duine ná deineann i gceart nó go slachtmhar é. Is fada n-a aindeiseóir do, an duine bocht: ag stracadh leis an saoghal agus san ag gabháil lastuas de, nó é bheith ar aiste cuirp ná féadfadh feidhm do bhaint as a ghéagaibh mar d'fhéadfadh duine eile. "Tá truagh agam don aindeiseóir", adéarfaí lé duine go mbeadh an saoghal ghá chiapadh. Aindeiseóir úirlise seadh an tuagh so: tuagh gur deacair an áis cheart do bhaint aiste. Aindeiseóir bó: bó agus cuma thruaillighthe uirthe.

aindeisidheacht: *b.3.* feic **aindeise**

aindeóin: *b.3.* feic **aimhdheóin**

aindeóraidhe: *f.4.* duine dúthchais. Ní h-aon aindeóraidhe san áit seo me: ní h-aon duine iasachta annso me. Do deineadh aindeóraidhthe dhíobh cuireadh an oiread san fáilte rompa: fuaireadar an déanamh céadna agus gheobhadh daoine a rugadh sa tógadh ann.

aindia: *f.* dia fallsa. Aindéithe do bhí aca in Éirinn roim theacht na Críostaidheachta: déithe neimhchearta.

aindiadha: *a.* neamhdhiadha, neamhchráibhtheach. An duine aindiadha úd nách bhfeacthas ag teampall ná eaglais riamh: gan suim i nDia. Is gnáthach gur cómhrádh aindiadha bhíonn ar siubhal ag lucht póite: cainnt neamhchráibhtheach. Rud aindiadha seadh ainm Dé do mhaslughadh: gníomh gan urraim do Dhia. Chuala i Siceágó lá, seanmónaidhe aindiadha ghá rádh ná raibh Dia, neamh ná ifreann ann: seanmónaidhe a shéan Dia.

aindiadhach: *a.* neamhdhiadha; neamhchráibhtheach, neamhurramach do Dhia agus do rudaidhibh coisricthe. Níorbh aindiadhach leis an domhnach do chaitheamh lé h-obair: ní chuireadh sé mairg air lá beannuighthe an tighearna do bhriseadh. Is aindiadhach an rud gan leanbhaidhe do thabhairt suas i ngrádh 'sin eagla Dé: neamhchráibhtheach.

aindiadhacht: *b.3.* neamhchráibhtheacht, díothurraim do Dhia, diashéantacht, díthchreidimh. Paidear ná cré ní chuireann suim ionta le h-aindiadhacht: ceal creidimh i nDia. Chaith sé furmhór a shaoghail in aindiadhacht: le díthchreideamh, ag séanadh Dé.

aindíoghaltach: *a.* maithteach, neamhfhonn díoghaltais. Is beithte dhom d'aindeóin ar deineadh orm d'éagcóir bheith aindíoghaltach: do bheith maithteach, gan cuimhneamh ar chorthaibh im aghaidh. Airís agus airís eile do labhair sé ar árdán agus i bpáipéar gur bh'fheárrde Éire na daoine go raibh a chúis aca bheith díoghaltach, do bheith aindíoghaltach: fonn do bheith ortha maitheamh. Duine mín, macánta, aindíoghaltach seadh é ná cuimhnigheann ar aon éagcóir a deintear air: duine go bhfuil fonn maithimh (maitheamhnachas) air.

aindleaghthach: *a.* neamhdhleaghthamhail, in aghaidh na dlighe, neamhchóir, aimhrialta, bréagach. Chuir sé púnt aindleaghthach ar an gconntabhairt agus fuair sé ráithe príosúin dá chionn: púnt bhréagach, nách raibh déanta i gceárdchain na dúthaighe. Is aindleaghthach sa dúthaigh seo beirt bhan do bheith ag duine: níl sé dréir na dlighe annso. Do ritheadh dlighe ghá fhógradh gurbh aindleaghthach do dhuine gunna do bheith aige gan cheadmhas: ná bruicfeadh an lucht ceannais é. Is aindleaghthach do thighthibh tábhairne bheith béal anáirde i rith tráth fógartha: in aghaidh na riaghlach atá bunuighthe ag an dream go bhfuil úghdarás aca. Is aindleaghthach do dhaoinibh clann toghartha do bheith aca: leanann piniús é dréir dlighe na talmhan. Ag imirt dóibh do bhuail iománaidhe iománaidhe eile lé n-a chamán sa cheann agus ó budh ghníomh aindleaghthach é sin do cuireadh de chródh na himeartha é: in aghaidh riaghlach na himeartha. Rud aindleaghthach seadh bheith ag suainséan ar aonne: rud neamhchóir seadh bheith ag tromaidheacht ar aonne. (**aindlightheach**, freisin)

aindlighe: *b.4.* tíoránacht, ceal córach, míriaghaltacht, díothriar poilitidheachta. Aindlighe dob eadh cosc saothruighthe arbhair sa dúthaigh seo: dlighe gan chóir, dlighe chun dochra do dhéanamh dúinn. Ar feadh dhá bhliadhan i rith an iomchogaidh ní raibh in Éirinn ach aindlighe: mearbhall poilitidheachta. Sa tsaoghal nár bhfhéidir leat capall dob fhiú breis agus chúig phúint do bheith agat aindlighthe a bhí ann: dlighthe dochracha, diana gan chóir. Admhuigheann mórchuid daoine gur aindlighte do chuireann Hitlear na Gearmáine, Stailin na Rúise agus Mosailíní n-a luighe ar a ndaoinibh toisc go ndéinid díreach mar is toil leó féin: dlighthe olca de chionn gan iad do chur i dtoil na coitchiantachta. Le haindlighe do chuir Sasana fé chois sinn: tíoránacht, gan a bheag ná a mhór de cheart dréir córach ameasc an cineadh saor do thabhairt fé ndeara.

aineamh: *f.1.* máchail, aithis chuirp. Bean gan aineamh sa tsaoghal dob eadh Niamh Chinn Óir: bean áluinn gan aon locht. Ní h-aineamh liom ar an leabhar so an clúdach do bheith dhe: ní tuigtear dom gurb aon díobháil do é. D'fhág an dá bhliadhain príosúin do fuair sé aineamh lé n-a shaoghal air: máchail, rian so-fheicse. Bhain béim cloidhimh an chluas de 'sis gránda an t-aineamh san: is gránda an dith baill beatha é.

áineas: *f.3.* aoibhneas, subháilceacht, soilbhreacht. Do bhaineas áineas an domhain as an mbainis ag rinnce 'sag amhrán, ag itheadh, as fothbhraoinín óil: aoibhneas thar na beartaibh. Nách breágh áineas na n-éan san tsamhradh nuair bhíd go léir le ceól: oirfide a's eirghe croidhe. Cuireann sé áineas ar mo chroidhe féachaint uaim amach ar na h-oileánaibh tráthnóna fóghmhair lé luighe gréine: aoibhneas a's subháilceacht aigne dochuimsighthe. Is iomdha lá do chaitheadar in áine chuideachtan a chéile ar Cheann

Sraithe, ag trácht ar a ndéanfaidís ar son na Gaedhilge agus an bheatha ghrádhmhar do bheadh aca: soilbhreacht iomláin anama a's chroidhe: fíor-lántsástacht.

áineasach: *a.* aoibhin, subháilceach, soilbhir. Cuideachta áineasach dob eadh iad nuair bhuailidís lé chéile ag taoscadh na dighe, ag amhrán, ag seanchaidheacht go scléipeach, gealgháirteach: cuideachta rí-shuairc. Labhair sé níos áineasaighe liom 'ná mar bhí súil agam, mar sé tásc a chuala air gur dhuine grod é. Dá maireadh an seandream dob áineasach leo an cor ar feabhas atá tagtha ar an seantír: chuirfeadh sé soilbhreacht ar a gcroidhe.

ainéascaidh: *a.* míothapaidh, mall, meirbh, neamhanamamhail, doghluaiste, neimhfhéitheamhanta. Go h-ainéascaidh do ghluaiseann leanbhaidhe chun scoile: go míofhonnmhar. Dá mhéid do bhuail an marcach an capall is ag dul in ainéascaidhe bhí sé: budh lugha a thapa. Duine ainéascaidh chun a fhiacha d'íoc seadh é, caithtear é do chur chun na dlighe: mall righin. Tráthnóna ainéascaidh seadh é gan grian, gan gaoth, gan gileacht: meirbh gan aon anamamhlacht, tráthnóna a chuirfeadh meirbheacht ar dhuine. Saosúr ainéascaidh gan fás fé aon toradh d'fhág barraidhe chómh suarach: saosúr ná raibh fabhrach. Ní fhéadfainn scríobh níos tapamhla, peann ainéascaidh atá agam: peann doghluaiste, docht. Scríobhnóir breágh dob eadh Art Ó Gríobhtha, ach cainnteóir ainéascaidh: dá fheabhas a bhréithre ní thagaidís chuige go líomhtha. Ní tharraingeóchadh an diall féin an trucail sin agus na rothanna ainéascaidhe atá fúithe: rothanna dochta dobhogtha. Uain ainéascaidh dom dul 'on bhanc ar a trí a chlog agus é dhá dhúnadh: am míothráthamhail. D'aithnigheas ar an slighe ainéascaidh do chuir sé chun oibre ná beadh sé in am: slighe righin, neamhanamamhail. Abha ainéascaidh chun iascaigh, tá an iomad fiadhaile innte: abha nách furaiste d'iascach. Mara mbeadh gur léim ainéascaidh do thug an capall ní cheanglóchadh sé sa chlaidhe: léim gan lúth. Chaithfeá bheith ag tafant 's ag tafant air teacht sara gcorróchadh sé tá sé chómh h-ainéascaidh sin: mall, righin, doifhreagarthach. Leabhar ainéascaidh lé léigheamh seadh é: leabhar nách dtagann réidh ar dhuine é do léigheamh trí cheal léireachta nó crostacht éigin eile. Tá mo chnámha ainéascaidh lé dútaidhibh: deacair dochorruighe. Dá ainéascaidhe an bád le rámhaidheacht bhain na fir siubhal maith aiste lé feabhas a ngéag: docht, dúr.

ainéifeacht: *b.3.* ceal nirt, cómhachta, scabháird, guibh scéil: ceal tairbhe: ceal ciallmhaireachta, gaoise. Ainéifeacht do bhuille do tháinig leat gan an charraig do bhriseadh: ceal an nirt riachtanaigh. Ní raibh ach ainéifeacht 'n-a chuid cainnte agus níor thug an coisde ná an breitheamh aon tor air: ceal cómhachta ní dheagaidh a chainnt n-a luighe ortha. Duine ainéifeachta san áit seo mé gan treabh gan maoin: duine gan tábhacht, gan áird orm. Níor ghair aonne, níor thuig aonne acht é féin a scéal ainéifeachta: scéal gan aon charbhall iontsuime ann. Mara mbeadh t'ainéifeacht d'éisteóchadh duine éigin leat: ceal céille. Ní thaithnigheann do ghaire ainéifeachta liom: gáire gan bun. Ainéifeacht chun maireachtainte seadh deich bpúint sa mbliadhain: ní h-aon mhaitheas an méid sin.

ainéifeachtach: *a.* míothairbheach, díothoraidh, díthchríche. Ainéifeachtach duit bheith ghod bhearradh féin lé rásúir go bhfuil an fhadhairt imthighthe aiste: gníomh gan tairbhe. Is cuma cad dhéanfainn chun na teine do lasadh bhíodh gach iarracht ainéifeachtach agus d'éirgheas as: gan chrích. Buillidhe ainéifeachtacha seadh bheith ag gabháil ar iarrann

fhuar chun a chúmtha: buillidhe nách dtéidheann chun cinn. Cuardóireacht ainéifeachtach seadh arbhar do chur ar mhullach cnuic: curadóireacht gan toradh.

aineóil: *a.* an-aithnid, deóranta, iasachta, imchianach. Shaoileas gur dhuine aineóil é nuair labhair sé liom in Nuadh Eabhrach: ní aithneóchainn choidhche é bhí an oiread san atharuighthe tagtha air. Ar feadh na hoidhche do bhíomar ag taisdeal ar an dtraen agus shroicheamair baile aineóil ar ádhmhaidin: baile ná raibh aithne ná eolas againn air. Níl an Ghaedhilg chómh h-aineóil agus bhíodh, tá na sluaighte ghá foghluim: níl an ceal eólais a bhíodh uirthe ag na daoinibh. Tír aineóil dúinn seadh an t-Oileán Úr: tá sí in imigcéin. Teanga aineóil orm Frainncis: níl eólas agam uirthe.

aineól: *f.1.* dítheólas, aineólgas. Thugas léim aineóil fén abhainn: gan fios cruinn agam ar cad bhí dhá dhéanamh agam. Ní chuirfinn, dá mé thu, oiread suime i nduine aineóil: duine nách mbeadh fios a mhalairt aige. Ní lé h-aineól a thug sé tarcuisne duit ach lé fuath: a fhios aige cad bhí dhá dhéanamh aige. "Tá aithne mhaith agat féin agus ag an gCóta ar a chéile, a Shéamuis" - "Ní haineól do me": bíonn sé do shíor muinnteardha liom.

aineólach: *a.* dall ar rud, gan eólas, Is deacair don té ná raibh ar scoil riamh gan bheith aineólach: gan teagasc gan tabhairt suas. Tá furmhór mhuinntire na tíre aineólach fós ar an dteangain dúthchais: táid dall uirthe. Céagaibh is aineólaighe ar an mbóthar so? is lugha eólas. Is mór gur aineólaighe an t-aos óg ar scéaltaibh fiannaidheachta 'ná na seandaoine: táid abhfad níos daille ortha. Mara mbeadh thu bheith aineólach ar Áth Cliath ní raghfá amugha: gan fios na slighe a's na h-áite.

aineólaidhe: *f.4.* duine gan eólas na slighe, a chéirde aige, etc. Aineólaidhthe sa cheanntar dob eadh iad agus chuadar amugha: daoine gan taithighe aca air. Níorbh aon aineólaidhe do scrígh an leitir shlachtmhar seo: duine a bhí i ndán a chúram do dhéanamh go maith. Níorbh aon aineólaidhe catha Neapóilean: saighdiúir gur bh'fhéidir leis cath do chur go cliste. Aineólaidhe ar an gcuan dob eadh an captaen agus bhuail sé an long ar charraigh fé loch: ní raibh treó an chuain i bhfios aige.

aineólacht: *b.3.* aineólas, dítheólas, ceal eólais, míomhúineadh. Aineólacht a bhain dom agus gabháil isteach i dtigh gan chuireadh agam: ní dhéanfainn sin dá mbeadh múineadh ceart orm. Is iomdha rud do dheineann duine na h-aineólachta thar a thuigsint: duine nách mbíonn an tabhairt suas ceart air nó gan é bheith teagasctha chuige 'n-a cheart. Mara mbeadh aineólacht do bheith ort ní bheithfeá ag cur isteach ar dhuine agus é ag cainnt: míomhúineadh. Aineólgaiseacht: aineólgas.

aineólgach: [**aineólgaiseach**] *a.* aineólasach, dítheólasach ar nidhthibh, ar cheana nó in aon rud sonnradhach: dítheagasctha, díomhúinte, neamhthaithightheach. Is aineólgach do rinneas mo ghnóth agus gan cipínidhe do chur san teineadh dhúir sin: d'fhoillsigheas ná raibh taithighe agam ar a lithéid do dhéanamh. Nách aineólgach gnóth dhóibh an iomad seóil do chur ar bhad chómh beag, lá chómh fiadhain: rud conntabharthach, ná déanfadh daoine go mbeadh taithighe aca. Do rinnis sceanfairt den spóla breágh feola san chómh h-aineólgach san do ghearrais í: ní gheárrfadh aonne í ar an gcuma san ach tuata gan

taithighe. Bean níos aineólgaighe ar shnáthaid ní rug riamh uirthe, greim gearr agus greim fada: bean gan chlisteacht méire aice. Ionndúir aineólgach a dheilbh an caladh san nách féidir teacht air ach ar leathuisce: ionndúir míchliste ná raibh eolas a chéirde aige.

ainfhéitheamhanta: *a.* neamhfhonnmhar, neamhthráthamhail, neamhfhoidhneach, neamhfhuilngeach. Ní go h-ainfhéitheamhanta d'ól sé an deoch a tairngeadh do: níor ghádh í do thafant air. Duine ainfhéitheamhanta dob eadh é ag díol a chuid fiach, caithtí iad do lorg agus do athlorg air: neamhthráthamhail, righin. Buachaill ainfhéitheamhanta ar scoil dob eadh é, ní bhainfeadh an saoghal obair as: buachaill nách bhfaigheadh ann féin teacht lé h-aon rud a h-iarrtí air. Ainfhéitheamhanta do fuairtheas é nuair a h-iarradh air teacht ag troid, cos ní chorróchadh sé: ní fhreagróchadh sé an ghairm. Budh dheacair dom aon nidh cóir do dhéanamh agus an dream ainfhéitheamhanta a bhí ag obair agam: gearánach, clamparach, míoshásta: dream gan speach ionta. Capall ainfhéitheamhanta i seisrigh seadh an capall dubh: ní oibrigheann sé i gcómhad lé n-a chómhchapall.

ainfhéitheamhantas: *f.1.* neamhfhonnmhaireacht, righineacht, nó ceal cur le chéile. Líon tighe seadh iad go mbíonn thiar ortha i gcómhnaidhe trí ainfhéitheamhantas: ní chabhraid go h-éascaidh lé chéile. Chuaidh an scoil chun deireadh trí ainfhéitheamhantas na n-oididhe: ceal cur lé chéile agus gan an subháilce sluaighe eatartha. Ní bhfaghaim thoir ná thiar an duine sin, ainfhéitheamhantas in aghaidh an uile nidh n-a thímcheall: mairbheacht freagartha, gan aon anam cainnte chun do shástachta.

ainfhéile: *b.4.* dochal, ceal féile, leithleachas, sainnt, neamhmhothálacht. Lé h-ainfhéile níor labhair muinntir an tighe oiread agus focal amháin liom ar dhul isteach dom: lé doichil: ní raibh fáilte aca rómham. Níor thaithnigheas riamh leis, bhí ainfhéile n-a chroidhe aige dhom: ceal féile nó fáilte. Aon rud go mbeadh sé cómhpháirteach ann lé n-a ainfhéile bheadh sé d'iarraidh na breise do bheith aige: leithleachas. Fuair sé a chion dá raibh ar siubhal ach lé h-ainfhéile theastuigh a thuille uaidh: lé sainnt. Ainfhéile atá ag gabháil díot ná tabharfadh uait dréir do ghustail do naoidhe na truaighe: ceal mothála: gan san bheith de chartain id chroidhe.

ainfheóil: *b.3.* an bhreisfheóil mhíonádúrdha a thagas ar chneadh nó ar othar: cneadh anghránda seadh í, féach a bhfuil d'ainfheóil uirthe: ní maith an cómhartha san.

ainfhial: *a*. doichileach, neamhghalánta, dochroidheach. Nách ainfhial an duine thu ná h-iarrfadh orm suidhe chun búird leat: doichileach, míofháilteamhail. Ní bhfuair truaigh ná tréan riamh aon nidh ós na daoinibh sinn, dream ainfhial seadh iad: neamhghalánta, gan féile. Dathad uair d'impidheas ortha leigeant dom mo dhreatháir d'fheicsint san bpríosún, nách ainfhial do dheineadar orm é, gur eitigheadar mé: dochroidheach, cruadhálach, neamhghalánta. Bíonn sé ainfhial lé n-a mhnaoi, ní thugann puinn di lé caitheamh uirthe féin: sprionnlaithe. Saoiste ainfhial atá orainn a chuireas sclaimh air féin dá mbeimís oiread agus nóimint deireannach ar maidin: saoiste dian gan mhórchroidheacht.

ainfhios: *f.3.* fic **ainbhfios**

ainfhiosach: *a.* fic **ainbhfiosach**

ainfhreagar: *f.1.* freagra grod; freagra neimhfhíor. D'iarras iasacht a rothair air, dubhairt sé ná raibh sé n-a bhun dom, b'shin é a ainfhreagar: grod, míomhúinte. Ainfhreagar dom a rádh nár pheacuigheas riamh: neimhfhírinneach.

ainfhreagarthach: *a.* gan bheith freagarthach do rud nó i rud. Cuireadh n-a leith gur ghoid sé an t-airgead ach tá sé ainfhreagarthach ann: séantach, ní admhuigheann sé é. Seo bróg atá ainfhreagarthach don mbróig sin: ní hí céile an chinn eile í. Ní fhéadfadh aonne d'innsint cad iad na h-éisceanna atá ar thóin na mara, cúrsa ainfhreagarthach seadh é: ní féidir cúntas air.

aingceis: [**aingcis**] *b.2.* droichmhianach, ceapuightheacht, soighearránacht, othar cneádha. Is ró-dheacair cóstáil leat mar cuireann an rud is lugha ar domhan aingceis ort: drochmhianach: cráidhteacht. Ní h-iongadh aingceis orm tá gach rud ag dul im choinnibh: míoghnaoidhe: míoshultmhaireacht. Béas ag cóip na sráide seadh bheith ag cur ceisteann ar chainnteóiribh chun aingceise do chur ortha: chun iad do chiapadh a's do chlipeadh. Tiocfaidh aingceis ar an leanbh muna bhfuighidh sé an t-ubhall: gearrán a's pusghal. Dá fhoidhnighe naomh chuirfeá aingceis air, táir chómh ciapuightheach san: chuirfeá míoghnaoi air. Dá bhfeictheá an aingceis a tháinig air nuair bhuail sé é féin ar órdóig leis an gcasúr: do bhris an droichmhianach aige. Is eagal liom go dtiocfaidh an cneadh san chun aingceise, tá dath buidhe uirthe: othar agus braon do theacht innte.

aingceiseach: [**aingciseach**] *a.* ciapuightheach, gearránach, droichmhianaigh. Is eól do gach aonne gur aingceiseach an rud studa nách dtéidheann isteach agus deabhadh ort: ciapuightheach, cráidhteach. Bhíos chómh h-aingceiseach san ag an gcat ag meabhalaigh i rith na h-oidhche gur éirgheas a's gur chaitheas mo bhróg leis: cráidhte. Ní sháiseóchadh teas tú a's ní sháiseóchadh fuacht tú, nách aingceiseach an duine tu? gearránach, doshásta, cnáimhseánach. Beir fada air, a mhic óigh, ná bí chómh h-aingceiseach i dtaobh tu d'eiteach: chómh míofhoidhneach, sochráidhte sin.

aingceiseóir: [**aingciseóir**] *f.3.* duine sochráidhte, cnáimhseánaidhe. Ní fheacais aingceiseóir ceart riamh ach é nuair nár bhuaidh sé cluiche i rith na h-imeartha: duine cráidhte. Is cuma cad déarfá nó a dhéanfá leis ní fhéadfá aingceiseóir do dhéanamh de: bheadh sé i gcómhnaidhe ar an aiste ghnaoidheamhail chéadna: ní chuireann aon rud subháilceas air. Ní bhíonn féith an gháire choidhche ná riamh ortha, na h-aingceiseóiridhe: daoine dúra, dochroidheacha, dúr-aigeanta.

aingciallda: *a.* díothréasúnta, díothuigseana, díthcéille. Go saoraidh Dia sinn, bhí sé ar buile ag digh, mar ainmhidhe aingciallda na coille: an t-ainmhidhe nách dtuigeann maith ón olc. Ná déin aon nidh aingciallda go dtí go dtuigir an scéal go cruinn: aon rud gan tuigsint cheart do chaitheamh leis. "Níl na daoine aingciallda go léir i dtigh na ngealt", ars an fear: na daoine buile. Ní bhuailfeadh aonne a bhean ach fear aingciallda: fear nách mbeadh ciall cheart aige.

aingcialldacht: *b.3.* do bheith ar cheal tuigseana cirt a's míchirt, mar ainmhidhe. Lé h-aingcialldacht an duine do sháidh sé seisear fear: fiadhaineacht, buile. Aingcialldacht duit

dob eadh t'ionad do thréigean gan bheith deimhnightheach de shlighe bheatha éigin eile: ceal mórchéille. Tá aingcialldacht ar an nduine 'sa bheith ag caitheamh a choda ar ólachán: ceal meabhrach cinn, fíoramadántaidheacht, rud nách bhfuil ciall ná meabhair leis.

aingeal: *f.1.* teachtaire ó Dhia: dúil spiride in adhmanas Dé: fíréan, duine fíormhacánta. Aingeal ó Dhia dob eadh an té a thug fóirthint orm lé linn mo chruadhtain: duine maith gan choinne leis. Budh dhóigh leat air gurbh aingeal é bhí scéimh chómh macánta san air: deallramh ionraic, macánta mar saoiltear do bheith ar aingeal. Cé a chuirfeadh olc n-a leith a's scéimh an aingil air: cuma dhuine nách ndéanfadh aon rud as ceart. Dá dtagadh aingeal ós na flaithis chuige, dob é an dá mhara chéile é, ní atharóchadh sé: teachtaire ó Dhia dhá chómhairleach. Do ruaig Dia aingil an uabhair as na flaithis: na h-aingil a chuaidh in a choinnibh. Nár thréigidh m'aingeal coimhdeachta me: m'aingeal cosanta. Aingeal an bhean san: bean gan urchóid. Mheallfadh a h-áilne aingeal: níl aonne nách dtuitfeadh i ngrádh léi. Aingeal dob eadh é má b'eadh aonne riamh: duine ionraic gan chúis ag aonne air.

aingealdha: *a.* ar nós an aingil, ionraic, saonta. Ní fheadar an olc nó maith é mar dhuine ach tá cuma aingealdha air: deallramh ionraic. An aghaidh aingealdha a chuir sé air féin agus é cionntach: gnúis chiúin, shaonta gan deallramh go raibh rud ar bith as an slighe déanta aige.

ainglidhe: *a.* ar nós aingil: go gleóidhte, séimh, geal. Is binn liom do bhréithre mar is ainglidhe mar labharair: go taithneamhach. Is ainglidhe an cailín í ar gach cuma: cailín breágh lé féachaint air agus deighiomchair. Ní ainglidhe an fear é, cad fáth an fhearg? ní séimh an duine é.

ainglidheacht: *b.3.* grádhmhaireacht, gleóidhteacht, séimhe. Lé ainglidheacht an duine ní chuireann sé mairg ar aonne: grádhmhaireacht a's míneas. Ainglidheacht an leinbh do bheir dom é do phógadh: gleóidhteacht. A dhuine, taithnighir liom, ainglidheacht ar fad a n-abrair: séime.

ainghníomh: *f.1.* beart nó gníomh olc. Is breágh an lá dho é indiu, ní dheárna sé ainghníomh ar neach: beart olc. Ainghníomh seadh duine do mharbhadh as fhuil fhuar: gníomh an-olc. Chaitheadar a saoghal le h-ainghníomharthaibh, ag goid, ag fuadach 'sag déanamh éigin: ag déanamh droichbheart. Ainghníomh dá cháirdibh gan lámh chóghanta do thabhairt do in am a riachtanais agus é 'n-a gcumas: gníomh nách aon mhórdháil dóibh. Ainghníomh dom gan pingin riamh do chur chun athar ná máthar a's iad n-a chall: beart náireach, mícheanamhail.

ainghníomhach: *a.* droichbheartach, cambheartach. B'ainghníomhach an rud do dheinis air breis cháirde do thabhairt do d'fhonn teacht ar a chuid nuair bheadh a fhios agat ná féadfadh sé íoc: beart cham, chlaon. In ionad iad do chosaint dá mb'áil leis leigeant dóibh é do throid eatartha agus gan cabhradh le h-aonne aca níor bh'ainghníomhach a iomchar: níor ró-olc ar fad.

ainiarsma: *b.4.* droichdheasca. Tá ainiarsma a bheatha air, a chroidhe fann ón iomad ólacháin. Is annamh a théidheas duine ó ainiarsma na droichbhearta: an té a ghnídheas droichbheart is minicighe 'ná a chéile go bhfilleann air. Pócaidhe follamha, croidhe brónach, clú briste, ainiarsmaidhe an óil: na rudaidhe olca a thagas do dhuine as. Leagadh ar mo chúl ar an gcarraig chruaidh mé agus fágadh ceann mearbhaill mar ainiarsma agam: mar dhrochthoradh.

ainiarsmach: *a.* go ndroichdheasca, goirtightheach, máchaileach. D'fhógair an dochtúir air gurbh ainiarsmach do bheith ag obair chómh dian agus croidhe lag aige: go dtiocfadh droichdheasca leis n-a thaobh. Níl aon droichbhéas is ainiarsmaidhe ná an t-ólachán, bochtanacht, míochlú, drochshláinte a thoradh: is measa deasca a fhágas rian olc n-a dhiaidh. Cogadh ainiarsmach dob eadh an Cogadh Mór, na geallamhaintidhe boga gan cóimhlíonadh: cogadh d'fhág brónach, bocht díodhóchais na milliúin.

ainicim: *b.a.* ainiceadh (anacal), cosnaim, coimircighim. A Dhia, ainic me ar chathaighibh an diaill: cosain mé. B'fhada d'ainiceas é ar na báillidhíbh: choimeádas na báillidhe ó n-a chuid lé n-a fhiachaibh d'íoc. Cé ainiceóchadh thu ar na púcaidhibh, a leinbhín, ach do mháithrín féin? cé choimirceóchadh thu? Ainic! Seachain!

ainicthe: *a.* cosanta. Is ainicthe thu ar an bhfuacht: ní mór duit tu féin do chosaint ar an bhfuacht. Is ainicthe anam an duine ar an ndiall: ní fuláir aire mhaith do thabhairt ar eagal go dtuitfeadh an t-anam leis trí fhaillighe. Ní fhuadóchaidh aonne uait do ghrádh, tá sí ainicthe go binn agat: cosanta, fartha.

ainictheóir: *f.3.* cosantóir: éarlamh. Ní ceart cailínidhe ainglidhe do scaoileadh fé chathrachaibh iasachta gan ainictheóiridhe: lucht cosanta. "Cé hé ainictheóir na seód anocht", ars an bhean uasal - "mise", ars an t-óganach, "agus ná bíodh ort eagla a bhfuadach." B'iad na filidhe ainictheóirdhe na teangan nuair a ruaigeadh as na scoileannaibh í: lucht cosanta agus saothruighthe.

ainíde: *f.4.* fic **anaoide**

ainimh: *f.1.* fic **aineamh**

ainimthealach: *f.1.* ainmhidhe nó duine rómhór, ró-aindeis, arrachtach. Cá h-iongadh é do thuiteam gan puinn cúise, an t-ainimthealach míothapaidh: an t-anntarán gan anam. Thóg sé ceathrar fear an mhuc do chur 'on trucail, a lithéid d'ainimthealach: ainmhidhe mór, trom. Chuaidh ainimthealach mór éigin mara in achrann sna líontaibh a's d'árduigh leis iad mar árdóchadh tarbh do bhinn: ainmhidhe scannramhail rómhór.

ainís: *b.2.* plannda a fhásas gach re bliadhain go mbíonn síol air a cuirtear in arán etc. chun blasa do chur air. Is feárrde an bhallóg ainís do chur innte.

ainiúil: *a.* fic **aineóil**

áinle: *b.4.* éan imirce anluath, anbhuan ar eiteall. Ghluais sé chugham chómh luath lé h-áinle: anmhear. Dá mbeadh siubhal na h-áinle fút ní bhéarfá air: dá mbeidhfeá chómh luath, chómh tapaidh leis an éan céanna ní thiocfá suas leis.

ainleanach: *f.1.* duine a bhíos dian ag síorlorg ar chách nó ag imirt éigin air. Ainleanaigh dob eadh tigearnaidhe talmhan na hÉireann ar na trionóntaidhibh i dtaobh cíosa: andhian d'iarraidh an uile phingne do bhaint amach, rogha an t-airgead do bheith ann nó as. Ainleanaigh dob eadh iad a chuir gach nduine i bpríosún nár aontuigh leó i bpoilitidheacht: dream dian gan scrupall. Múinteóir ainleanaigh a chuireas d'iachall ar scoláiridhibh a gceachta do shaothrughadh gan aon leathscéal do ghabháil uatha: dian. Duine bocht seadh mé, ná bí ainleanach orm, díolfad an uile phingin leat go macánta: dian.

ainleanaim: *b.a.* téidhim ródhian ar, sirim go neamhthrócaireach. D'ainlean lucht fiach é i slighe gur aoidigh sé é féin: chuadar chómh dian san air ghá chiapadh agus ag lorg air. Bhí tinneas im ghualainn d'ainlean í ar feadh chúig mbliadhan: d'fhan innte gan aon fhágaint.

ainleanamhaint: *b.3.* tóraidheacht neamhthruaghmhéileach, síorlorg. Seanscéal seadh go ndéineann tíortha láidre ainleanamhaint ar thíorthaibh laga ag canntáil a gcuid talmhan ortha: go n-imrid an lámh láidir ortha. Fuaireas caoga púnt ar iasacht ó lucht iasachta airgid agus bhriseadar mo chroidhe ionam ag ainleanamhaint orm dá mbein lá siar le síntiús: ghom chiapadh a's mo chrádhadh le síorlorg. Ná tagaidh sa mhullach in aonfeacht orm ag lorg bhur bhfiach, is mó gheobhaidh sibh asam lé foidhne ná ainleanamhaint: lorg dian, millteach.

ainleóir: *f.3.* an fear a bhíos ar na maididhibh rámha ag coimeád an bháid in ionad cheart in aghaidh gaoithe nó taoide go mbeadh doradhtha na coda eile den bhfuirinn ag iascach i gceart. Deirtear é le héan in aghaidh srotha nó taoide ná leigeann é féin lé sruth. Deirtear é, freisin, lé duine go mbíonn comhlucht tráchta fé n-a chúram. Ainleóir maith: duine nách ligeann é féin chun deire dá mhéid cruadhtain a bheireas air.

ainleóireacht: *b.3.* ag seasamh i gcoinne gaoithe nó srotha nó ag fanamhaint san áit chéadna ar farraige i ndorchadas nó stoirm lé faill d'fhagháil ar chaladh do dhéanamh. Chaith na h-iascairidhe an oidhche ag ainleóireacht i mbéal an chuasa, mar ní fhéadfaidís meabhrughadh i dtalamh le doircheacht na hoidhche: ag coimeád an ionaid do bhí aca. Ag ainleóireacht na stoirmeach seadh is mó do chaith an long an tseachtmhain le holcas na h-aimsire: a tosach sa ghaoith agus san aimsir. Droichiascaire ar dharadha dob eadh é agus mar sin is ag ainleóireacht do cuirtí é. Is minic nách mbeireann iasc agus an bád n-a stad: mar sin, scaoiltear lé gaoith nó le sruth í agus is é cúram an ainleóra í do chongbháil i siúnda go mbíonn na daraidhthe síos díreach as lámhaibh na n-iascairidhe: obair dheacair seadh í.

ainlighim: *b.a.* dírighim in aghaidh gaoithe nó srotha, congbhaim bád (nadhbhóg, long) san áit chéadna. Ainligh an bád, tá mo dharadha treasna fúithe: dírigh í i slighe go mbeidh an daradha síos díreach as mo láimh. Thugadar an oidhche ar linn an chuasa gan teacht i

dtalamh le tarac, sé Liam d'ainligh an nadhbhóg agus an chuid eile n-a gcodladh: a chongaibh í gan bualadh ar an dtalamh. Nách gleóidhte mar ainligheann na lachain an tsruth: mar congbhuighid iad féin san áit chéadna gan dul chun cinn ná chun deireadh.

ainliughadh: *f.* do dhíriughadh nó cheartughadh báid nó luinge chun iascaigh, caladhthóireachta nó in eascal. Nuair fuair an captaen go raibh sé ameasc na n-oileán san gceódh, do chaith sé an oidhche ag ainliughadh: ag congbháil san áit chéadna go h-aireach. Bádhadh é dá fhaid thug sé ag ainliughadh cois an fhalla d'iarraidh teacht i dtalamh: ghá sheachaint féin ar eagla go smiotfadh an fharraige ar an bhfaill ghairbh é nó d'iarraidh áit chaothamhail d'fhagháil chun greamuighthe. An uile lá chidhim ealaidhe agus faoilinn ag ainliughadh na Life ar thóraidheacht a gcoda bídh: ag congbháil tímcheall na h-áite chéadna mar a mbíonn an biadh d'aimhdheóin na srutha. Dob é Liam Ó Séaghdha an fear ainlighthe nadhbhóige dob fhearr in iarthar Chiarraighe: an fear dob fhearr chun a hiondrabhála ag iascach lé sruth nó gaoith. Níl aon dul chun cinn dhá dhéanamh aige, níl sé ach ag ainliughadh: níl feabhas ná breis ag teacht air, faic ach gur féidir leis congbháil mar atá sé. Ag ainliughadh na stoirme, na h-abhann etc.

ainm: *b.3.* an ghairm trí n-a n-aithnightear duine nó rud ó dhuine eile nó rud eile: cáil (olc nó maith), an focal amháin a tugtar ar rud: fuaim amháin, ughdarás: (ar) son: daoine go mbíonn ainm áirighthe ortha: cineadh. "Cad is ainm duit, a gharsúin?": cad a tugtar ort, Séamas, Seán nó etc. chun tú d'aithneamhaint ó gharsúnaibh eile. Thug an bheirt bhan ainmeacha ar a chéile, "gadaidhe" ag duine aca, "bitheamhnach" ag duine eile "suainseánaidhe", "alfraits", "straip" agus mar sin de agus do chuadar chun na dlighe le chéile: aoide béil, drochchlúdh. Tá ainm Dhún Chaoin in áirde lé n-a chuid Gaedhlinge: cáil mhór. Cad ólfair leann dubh nó beathuisce, cuir ainm air? abair leann dubh nó beathuisce. Aonne a thug bitheamhnach ar an bhfear macánta san do ghlaoidh sé ar a ainm air: ní raibh an fhírinne aige. Ní h-iongadh liom é do thabhairt dhá chéad púnt spré dá inghin, bhí ainm an airgid riamh air: teist, tuairm na ndaoine air. An eól dom an duine úd do ghoid t'uaireadóir? an bitheamhnach agus is é sin a ainm: an cur síos ceart air, budh bhréag aon nidh eile do thabhairt air. "Cé inns an scéal so dhuit?" – "fear gan ainm": fear ná h-inneósfadh duit cé hé féin. "Nách olc an crot atá ar Thomás an aimsir seo" – "nách fíor dhuit, níl ann ach an ainm": níl ach a rádh go bhfuil sé n-a bheatha. Dubhairt sé liom gurbh amadán me, gur chladhaire me, gur aindeiseóir me. Chuir sé as m'ainm me: chuir sé bréaga orm. "An bhfuil gluaisteán maith agat?" – "a ainm": ní fiú mórán é. Dubhart leis in ainm Dé stad agus gan bheith ag tabhairt tarcuisne dos na daoinibh: ar son Dé. Micheál Breathnach a ainm agus a shloinneadh. Ag ól 'sag reic 'sag troid, ag imtheacht in ainm an diaill ar gach aon tslighe: ag imtheacht chun an donais. Thóg sé earraidhe sa tsiopa in ainm a athar: chuir sé a athair in urradhas a ndíolta. D'imthigh an capall in ainm diaill lé fánaidh: ag imtheacht lé fuinneamh nó díosmacht nár bhféidir a chosc. "An fear láidir é?" – "tá a ainm air": deirtear gurb eadh.

ainmhéad: (**ainmhéid**) *b.2.* toirt uathbhásach, scrothaidheacht mhíochuibheasach. Nuair chonnac an míol mór ag éirghe in aice na nadhbhóige do scannruigh a ainmhéid me: toirt nách bhfeaca a lithéid in aon ainmhidhe riamh roime sin. Tá áiteanna san Afraic nár thaisdeal cos fir bháin fós riamh lé n-a ainmhéid: fairsinge adhbhal-mhór. Ní chuireann

ainmhéid an tairbh aon eagla ar an maidrín: dá thoirtheamhla é an tarbh níl aon eagla ar an madra dá laighead é.

ainmhear: *a.* an-mhear, antheasaidhe, fíochda. Seachain tú féin ar fhuil ainmhear na bhFirtéarach: cineadh go bhfuil fonn troda ortha. Deirtear gurb é an leómhan an t-ainmhidhe is ainmhire san gcoill mar ná cúbann sé ó aon ainmhidhe eile: is fiadhaine. Bheadh náire orm bheith chómh hainmhear leat-sa agus duine do bhualadh gan chúis gan adhbhar: chómh teasaidhe, míofhoidhneach.

ainmheas: *f.3.* droichmheas, ceal measa, díothurraim. Chuir sé ainmheas na ndaoine air féin an lá thréig sé arm na poblachta: níor fhan urraim ag na daoinibh dho. Ní fuláir nó is mór an t-ainmheas atá agat air agus an drochcháil a thugais air: níl a luighead léighe nó ceana agat do. Dá fheabhas do tásdáladh é lé tarcuisne agus éitheach níor bhfhéidir ainmheas do chur ag na daoinibh ar Pheáirnéil: neamhghrá agus míchion.

ainmheasardha: *a.* dochuimse, míochuibheasach, meisceamhail, neamhcheannsa. Is beag páipéar in Áth Cliath nách dtráchtann go h-ainmheasardha ar an nGaedhilg, ghá cáineadh a's ghá díomholadh: thar teórainn, gan cosamhlacht ag baint leó. Is minic do chuala dhá rádh é go raibh aithne aige ar sheanbhuachaillidhibh a óladh breis is dhá bhuidéal beathuisce in aon ló, nárbh ainmheasardha an phóit í: neamhghnáthach, míochuibheasach. Cuirfidh an t-itheadh ainmheasardha san breóidhteacht ort: itheadh thar dochoisce. Cainnt ainmheasardha dhuit a rádh gur tú an scoláire is feárr in Éirinn: cainnt gan puinn tuigseana. Chaith an sagart uair an chluig go maith ghá rádh gur phobal ainmheasardha a bhí aige, go rabhadar lé póit idir óg is sean: meisceamhail.

ainmheasardhacht: *b.3.* míochuibheasacht, breis, póit. Gidh nách gcreidim féin é, toisc mo chion ar an ól is dócha, deir an t-amhrán gur trí ainmheasardhacht do bhuaidh Sasana orainn, mar tréis gach buadha go dtéidheadh ár n-arm le hól: ceal cosamhalachta leis an ngloine. Nách mór an ainmheasardhacht bídh don bhfear san Oileán Úr a itheas dhá stéig, dhá shicín agus a lán rud eile d'aon bhéile: breis mhór agus is gnáth lé duine cosamhail d'itheadh. Ní tháinig sé riamh in oifig ar maidin gan rian dighe na hoidhche roimhe sin air agus dob éigean an bóthar do thabhairt do le h-ainmheasardhacht: é do bhriseadh as a ionad. Do chuir ainmheasardhacht a ndubhairt sé i láthair na mban déistin ar an gcuideachtain: ní tháinig cainnt mhánla uaidh.

ainmhisneach: *f.1.* ceal misnigh, laige inntine, ceannuaiscneacht, ró-dhánaidheacht. Tháinig trua agam dá ainmhisneach nuair chonnac ar crith ós chomhair an tsluaigh bhuirb é: a laige inntine labhairt leó nó iad d'ionnsaidhe. Níorbh ainmhisneach leis riamh dul dho shaoradh dhuine dhá bhádhadh: níor choisc laige spiride é. Dá dteipeadh céad uair air iasc do thabhairt ón loch do raigheadh sé ann diaidh ar ndiaidh gan ainmhisneach ar bith: gan míodhóchas nó go mbeireadh sé ar iasc. Ní cúis ainmhisnigh pósta dhuit gur eitigh triúr ban tu "níl aon tseanbhróg nách bhfaigheann seanstoca": cúis andóchais, tá cao go leor fós agat. Fuairis cion t'ainmhisnigh tuiteam d'iarraidh na carraige géire do strapaidheacht: an rud a bhí tuillte agat as do dhánaidheacht. Ainmhisneach do chaill an duine bocht; dá bhfanadh sínte agus gan a cheann do chur thar claidhe ní bhuailfeadh an

t-urchar é: ró-dhána, gan eagla a bhuailte air. Cuireann an bás ainmhisneach ar chách: dochma aghaidh do thabhairt air.

ainmhian: *b.2.* drochmhian, fonn thar ceart nó gan riar; craos; buile, fíoch. Ar amharc a h-áilneachta dhom, a córacht agus sméideadh a súl tháinig ainmhian orm chuiche: fonn a sealbhtha. Péaca seadh gan ainmhianta na colna do smachtughadh: fonn chun nidh atá coiscthe orainn. Cuireadh an oiread san d'ainmhian troda orm nuair buaileadh sa tsúil gan chúis me nár mhór cúigear fear chun me do chosc: fonn fíochmhar. Lé corp ainmhéine do bhuail sé le buile bhata a bhean gur mhairbh: buile fhiadhain. Ó ló go ló ag éirghe bhí a ainmhian chun talmhan gur chuma leis dá chaime sroicheadh sé é go dtí gur bhailigh sé chuige na céadta acra: mian an ocrais, an tarta ag gabháil lastuas de chun na breise do shroichstint ar chuma ar bith.

ainmhianach: *a.* caiseamhail, droichmhiantamhail, colnaidheach. Níl aon ainmhidhe chómh h-ainmhianach le cat: go mbíonn an oiread fonn cumaisce air. Is ainmhianaighe anois é i ndeireadh a shaoghail ná riamh chun airgid do bhailiughadh agus breis a's a dhóthain aige: is cíocraighe é, is sainnteamhla é. Phóg sé í chómh h-ainmhianach san gur scannruigh sé í: leis an oiread san cíocrais colna. Ná hith go hainmhianach mar tá go leór bídh agat agus do dhóthain aimsire agat: ná bíodh an oiread cíocrais ort, níl gádh leis.

ainmhidhe: *f.4.* dúil bheó go motháilt agus gluaiseacht dá thoil féin, dúil aingciallda, shuarach munab ionann a's an duine; brúid; arrachtach, brúid fhiadhain. Ainmhidhe ceathair-chosach seadh capall. Duine gan tabhairt suas, gan oideachas, gan mhúineadh, níl ann ach ainmhidhe. An dóigh leat gur ainmhidhe me agus ualach do chur orm ná h-iomcharóchadh asal: duine gan aon truagh dho ach mar bheadh do dhúil cheathairchosach. Nár bh'iongtach an t-ainmhidhe éin an fiolar d'árduigh leis n-a chrúcaidhibh leanbh óg: éan adhbhalmhór. Ag alpadh a's ag slogadh ag an mbórd an t-ainmhidhe fir: ag caitheamh a choda mar bheadh ainmhidhe ceathairchosach. Cé nách bhfuil ann ach ar nós an ainmhidhe tá croidhe mór aige: duine gan tabhairt suas. Sháidh sé chugham ar nós an ainmhidhe lé n-a sciain: go fiadhain, fíochda. Ní chuirfeadh aon tsaghas síne ach oiread le h-ainmhidhe: chómh fuilngeach le h-ainmhidhe. Dá bhfeictheá nochta go croiceann é ar snámh budh thaithneamhach leat é mar ainmhidhe fir: fear deagh-chúmtha. Ainmhidhe mín an capall; ainmhidhe fiadhain an leómhan.

ainmhidheacht: *b.3.* neamhdhaonnacht, alltacht, gan mhotháilt, náire ná truaighe. Ní fheaca ainmhidheacht riamh mar é, saighdiúiridhe agus póilínidhe ag gabháil ar na príosúnachaibh: alltacht, neamhdhaonnacht. Nár mhór an ainmhidheacht do a bhean is a chlann do chaitheamh amach fé fhuacht na h-oidhche: ceal mothála.

ainmhín: *a.* garbh, míoshlachtmhar, borb, mianmhar. Do shuaidh an trucail me ar an mbóthar ainmhín: garbh, aimhréidh. Cuir an plána ar an gclár ainmhín sin, tá sé lán de chnapánaibh: aimhréidh. Is ainmhíne éadach olna ná éadach síoda: níos gairbhe. Farraige ainmhín bhíonn ann san ngeimhreadh seachas an samhradh: borb, fiadhain. Is gnáthach gur ainmhíne an chainnt a bhíos aca i gcúlshráideannaibh cathrach 'ná fén dtuaith: gur neamhmhánla. Níor mhaith liom bheith ag gleáchas leis ar eagla go lasfadh sé, duine ainmhín seadh é: soifheirge.

ainmhíne: *b.4.* gairbheacht, aimhréidheacht, fíoch, teasaidheacht. Ainmhíne na léine atá ag cur orm, cuireann sí tochas orm: gairbheacht, gan í bheith réidh leis an gcroiceann. Budh dheacair an cosnach do cheannsughadh tháinig ainmhíne air nuair chuala sé dearbhughadh éithigh dhá dhéanamh air: fíoch. Toisc ainmhíne bheatha na ndaoine i gcorplár na h-Afraice ní rófhuraiste iad do thabhairt chun tíorachais: neamhshrian.

ainmnighim: *b.a.* tugaim ainm air, tagraim do, cuirim seóladh ar leitir. Ainmnigh aon rud im shiopa agus is é do chuid é: abair é dréir mar is eól dúinn é ó aon rud eile. D'ainmnigh sé tharais iad, na daoine a bhí i láthair, n-a nduine a's n-a nduine: dubhairt sé mar seo, Seán, Séamas, Tadhg, Cathal, etc. Cé ainmnigh orm-sa gur mé scrígh an leitir úd gan ainm ag cáineadh an riaghaltais? cé chuir im leith gur mé do scrígh í? Ainmnigh an leitir seo: cuir uirthe i scríobhnóireacht cómhartha gur fios dom as cé h-é go bhfuil sí lé cur agus a triall. Ní ainmneóchainn an té atá dhá mholadh agat: bheadh náire orm trácht air.

ainmnighthe: *a.* glaoidhte, tagairt do dhuine i gcóir ionaid, do chur síos go soiléir. Tá an Dochtúir Ó Dálaigh ainmnighthe i gcóir an ionaid atá follamh tré bhás an Dochtúra Uí Mhurchadha. Dréir deallraimh ná fuilim-se ainmnighthe in ao'chor chun rinnce: tagartha dom, nár labhair aonne orm. Fear ainmnighthe ar thírghrádh seadh an Piarsach: clúdh mór air. Deoch ainmnighthe seadh beathuisce na hÉireann lé n-a fheabhas: trácht air go fada agus go fairsing. "Gadaidhe ainmnighthe dob eadh gadaidhe Ghleanna Fleisce, nárbh eadh?" – "dob eadh, ní raibh óg ná sean i gCúige Mumhan nár airigh trácht ar a eachtraithibh." Sid iad na daoine agat go h-ainmnighthe: fé leith.

ainmniughadh: *f.* do chur ainme ar rud, trácht do dhéanamh air, do chur i mbréithribh d'fhonn a bheith soiléir, ainm a's seóladh do chur ar leitir, ainm dhuine do chur ós cómhair i gcóir ionaid mar dhochtúir nó duine ar chómhaltas nó a lithéid eile. Bí ag ainmniughadh leat, an bhfuil aon locht eile agat orm seachas meisceóir, leadaidhe? áirigh leat. Níl aon cheart an leanbh d'ainmniughadh dómh-sa, ní mise a athair: m'ainm agus mo shloinneadh do thabhairt air. Níor thuigeas i gceart ar dtúis agus dubhart leis an chúis a bhí aige ort d'ainmniughadh airís: do rádh i mbréithribh chinnte. Bhí sé ghá thafant orm leigeant do me d'ainmniughadh ar choisde an chumainn peile: m'ainm do chur os cómhair an dreama gur bh'fhéidir leo mé do chur ann. "Cé h-é is dóigh leat gheobhaidh bheith n-a aire oideachais?" – "tá ainmniughadh ar Thomás Ó Deirigh": tá daoine ag trácht air. Is dóigh liom go n-éireóchadh liom ar dhul 'on Dáil dá bhfaghainn beirt ainmnighthe: beirt a chuirfeadh m'ainm isteach dréir mar atá riachtanach. Budh thábhachtach cáileamhail me tamall anois le ainmniughadh orm: ní chloisfeá me i mbéal aonne: tá dearmhad déanta orm.

ainneart: *f.1.* tíoránacht, géirleanamhaint, neart anmhór. Níl sa ghleann anois ach fothracha; do ruaigeadh le hainneart na daoine as an áit in aimsir na Gorta, ag lorg cíosa ortha ná raibh acu: géirleanamhaint. Do ghríos ainneart an tighearna talmhan na daoine n-a choinnibh gur mhairbh treóntaidhe dhíobh é: tíoránacht, bheith ródhian ortha ag éileamh ruda ná raibh aca lé tabhairt do. Ná bí ag trácht ar ainneart an troda: stracann sé an crann is treise sa choill aníos as a phréamhachaibh: neart áidhbhéil.

ainnir: *b.2.* maighdean óg; óigbhean fhíoráluinn. Is iomdha ainnir mhín a thuit i ngrádh leis: óigbhean áluinn, deaghmhúinte. “Cé h-í an ainnir?” adeirtear nuair chidhtear bean óg a chuireas iongadh ar dhuine le n-a h-áilne. Ní h-aon náire dhi pósadh, is fada ó bhí sí n-a h-ainnir: n-a mnaoi óig. “An ainnir chiúin tais mhánla”, adeir an t-amhrán, sé sin: an óigbhean chúthail, lághach, deaghmhúinte.

ainreacht: *b.3.* deacair, duaibhseach, géibhean cruaidh, dlighe olc. “Is mór an truagh fear croidhe mhóir i mbaile mór gan airgead”: nách é bhíonn in ainreacht: i gcruadhtan dhiaill. Níl faic lé n-itheadh ná lé n-ól agam ná leabaidh chun luighthe uirthe, creid me gur me tá in ainreacht: i ngéibhin chruaidh. Níl aon dlighe do cuirtí os cómhair na Dála ná go n-abradh lucht an freasabhra gur ainreacht í: dlighe dian a mhillfeadh an dúthaigh.

ainréim: *b.2.* cómhacht thíoránach. Ní fhéadfá d’áiteamh gur ainréim an riaghaltas a thugas táille do sheandaoinibh, do bhaintreabhachaibh, do dhíbhleachtaidhibh, feóil agus bainne in aisce dhóibh seo atá ’n-a chall: drochchómhacht. “Dá fheabhas iad dlighthe Shasana”, ar seisean, “do mhuinntir Shasana, níl ionta dúinn, Éireannaigh, ach ainréim: cómhacht ná h-oireann dúinn.

ainriachtanach: *a.* gábhtarach, fíorbhocht, truaghánta. Gearánann na feirmeóiridhe ó chuaidh luach seifteann síos go bhfuilid ainriachtanach: fíorbhocht. Dob ainriachtanach teaghlach gur bádhadh cúigear as in aon ló: dealbh, truaighmhéileach. Is ait an cor sa tsaoghal é; tamall, ní rabhadar in easnamh aon ruda, anois táid chómh h-ainriachtanach agus ná fuil faic aca: dealbh.

ainriachtanas: *f.1.* mórchonntabhairt, mórghádh, mórthruailleacht. In ainriachtanas dom ar feadh na h-oidhche fada ag greamughadh de chílle an bháid, an uile nóimint ag súil leis an mbás: conntabhairt scannruightheach. Im ainriachtanas, fé ocras a’s fé thart, ní fhéadfainn gan an biadh do ghoid: aindeise agus truailleacht. In ainriachtanas ní ceart bheith ró-dhian ar dhuine a dheineas rud as an slighe: gádh.

ainriocht: *f.3.* aiste bhrónach, mío-ádhmhaireacht. I rith an tseaca do bhí capaill na cathrach in ainriocht ó bheith ag sleamhnughadh: cruadhtan mór ortha. Níl truagh ag aonne dhom ainriocht tréis me do chailleamhaint a raibh agam: dom mhíoádhmhaireacht. Féach an ainriocht do thug brón a’s aindeise ar an mnaoi áluinn úd tráth caithte, seirgthe, míothaithneamhach anois: drochmhalairt clóidh.

ainriochtach: *a.* iontruaigh, drochchúmtha. Chuir clódh ainriochtach na mbochtán tréis an tuile d’árdach chun siubhail a raibh aca maoithneachas orm: cuma a mhúsclóchadh truagh ionat. Ní fheadar cad bhí ann, ach bhí rud éigin nách bhféadfainn deimhin do dhéanamh de, rud éigin ainriochtach: míochúmtha.

ainscian: *b.2.* scian an-mhór: fíoch, caitheamh thar meón: duine doshrianta. Ainscian fir a chaitheadh an lá ag obair go dícheallach macánta, deaghsholaoideach agus insan oidhche i nganfhios chómh dícheallach céadna ag goid ’sag slad: drochdhuine amach ’samach. Mo chómhairle dhuit tú féin do sheachaint ar an bhfear san, ainscian é: duine

conntabharthach. Phós sé ainscian mná gur chaith sé a fágaint lé géire a's gubh a teangan: báirseach mná. Tháinig ainscian ar na saighdiúiribh nuair chualadar gur marbhuigheadh a gcuallaidhe i bhfuil fhuar: fearg gan teóra. D'fhág a mhuinntir trí mhíle púnt in oidhreacht aige, i gcionn dhá bhliadhain bhí sé ag siollagar leis an ocras, b'shin ainscian agat: caitheamh gan aon deallramh. Ainscian fir: fear conntabharthach gan iontaoibh.

ainscianta: *a.* fíochda, fiadhain, caithteach. Chaitheadar a mbeatha go h-ainscianta ag faire ar gach aonne chun a shlad agus a mharbhuighthe má chuirfeadh n-a gcoinnibh: drochaigeanta, diablaidhe. Agus an t-árus lém bheólaibh agam bhris sé go h-ainscianta ar m'fhiaclaibh é: mar dhéanfadh duine fiadhain gan choguas. Ná bí ainscianta ar fad, ná seasaimh don gcuideachtain trí h-uaire bonn ar bonn: chómh caithteach, neamhaireach ar do phóca.

ainsciantacht: *b.3.* fíoch, fiadhaineacht, caithteacht, míochuibheas, olcas. Ainsciantacht do thug chun na croiche é: droichghníomhartha. Ní fhéadfá muinghín do chur ann, lán d'ainsciantacht ní fheadraís cathain iompóchadh sé ort: camasghal, ceal coguais, ar aonach, phósadh, chruinniughadh. Ainsciantacht a bhíodh dhá taidhreamh dho: achrann a's clampar le cách: fiadhantas a's droichiomchar. Rinne sé ainsciantacht ar a chuid: dhealbhuigh sé é féin in aon dá bhliadhain amháin d'aindeóin a ghustail: caithteacht.

ainsheascair: *a.* neamhshocair, neimhréidh, buadhartha, neamhchompórdach. Cathaoir ainsheascair í seo, í féin 'sa drom díreach, a tón briste, 'sa trí chosa: neamhchompórdach. Saoghal ainsheascair do fuair na Dubhchrónaigh ó Arm na Poblachta, bítí ar a dtí do shíor: neamhshocair, neamhshoilbhir. Níl aon iasc sa bhfarraige is ainsheascaire beatha 'ná an scadán, bítear i gcómhnaidhe ar a thóir gur de sin adeirtear: "chomh cráidhte lé scadán". Tréis an tsaoghail, beatha ainsheascair do chaitheann oileánaigh, mar is ró-mhinic do bhíd deighilte ón míntír: beatha neamhshuaimneasach. Ionad ainsheascair do mháirnéalach bheith i mbarr crainn luinge le linn spéirlinge: conntabharthach, guagach. Dob ainsheascair lém lúthachaibh bheith in eitleallán, b'fhearr liom an talamh: eaglach, mórchorruightheach.

ainsheascaireacht: *b.3.* neamhchompórd, amhréidheacht, clampar. Codladh ná suan ní tháinig orm ag ainsheascaireacht na leapan, súsaidhe garbha a's an clár lom gan tocht ná tuighe: níorbh fhéidir luighe uirthe lé sástacht. Dhíol sé amach an áit ní fhéadfadh sé maireachtaint ann le n-a ainsheascaireacht, síorbháisteach a's ceal gréine: ró-chlamparach a's gan taithighe aige air. Caithfead uaim na bróga so, táid ag luighe orm, tá a n-ainsheascaireacht ghom mhilleadh. Níl teine, teas, biadh ná solas sa tigh, ainsheascaireacht seadh é ó bhinn go binn: ceal aoibhneasa tríd siar.

ainspirid: (**annspirid**) *b.2.* droichspirid, an diall, an t-áidhbheirseóir. Sa tseanshaoghal do thaithigheadh ainspirid an áit uaigneach so i bhfoirm muice agus ní amháin go scannruigheadh sí daoine ach marbhuigheadh cuid mhaith: droichspirid. Duine chómh dána leis an ainspirid seadh é ná glacann eagla roim aon rud: an diall féin: dánaidheacht. Ruaigfead-sa an ainspirid as do chroidhe dá gcaithinn mo shaoghal ghod smachtughadh: ceanndáine an diaill.

ainshrianta: *a.* gan chosc, míriaghalta. Daoine ainshrianta dob eadh iad nár thug aire do Dhia ná do dhuine, a thug iad féin ar an uile shaghas míbhéas: daoine gan chosc, míriaghalta. Má leanann tú ainshrianta ar an gcuma so ag caitheamh do choda gan staonadh déanfaidh fear dealbh díot: gan bac do chur ort féin. An té a thaithigheas nósa ainshrianta is tinn do: tagann droichchrích ar an té ná bíonn measardha. Ainshrianta go leór do chaitheamair an lá san oidhche ar na ráiseannaibh ag ól sag cur geall, agus an oidhche sin ag ragairne: gan aon riaghail linn. Garsún ainshrianta ná déanfadh rud ar oide ná ar a mhuinntir: a shlighe féin i gcómhnaidhe aige, gur deacair é do choimeád fé smacht.

ainshriantacht: *b.3.* díothchosc, míriaghaltacht, ainmhian gan bac, bachaireacht. Do thugadar iad féin do gach saghas ainshriantachta go bhfuaireadar bás go h-óg: díothchosc a mian. Thuit sé i ndrochshláinte trí ainshriantacht ag greannughadh an uile mhian: gan bac do chur ar a mhiantaibh. Níor thaithnigh ainshriantacht na cathrach liom, ól, ragairne, rinncidhe, cuideachtaidhe caithteacha gur fhágas amach: gan teóra, gan staon ar a míriaghaltacht.

ainteann: *a.* neamhláidir, neamhdhian, neamhdhocht, sobhogtha, sothugtha. Gaoth ainteann do bhí linn agus is beag an siubhal do dhein an bád fé seól: gan aon fhuinneamh. Briathra ainteanna dob eadh iad go deimhin, dob é mo shúil go mbeidhfí i bhfeirg liom toisc ar dheineas as an slighe. B'fhuraiste lamhnán na peile do bhriseadh toisc bheith ainteann: gan a dhóthain gaoithe do bheith ann. Falla ainteann é ná seasóchaidh an ghaoth láidir seo: nách bhfuil tathag ann. Is ainteann liom mar táir ag cur chun do chuid oibre: gan fonn.

ainteas: *f.3.* teas thar meón, fíoch, borradh, at. Ní raibh fulang ainteasa na dúthaighe ann, ní bheadh cor as sa tsamhradh: an teas tar meón. Bhíodh an oiread san ainteasa i muillean an iarainn go mbíodh na fabhraidhe dóighte dhíom agus buinn mo bhróg: teas tar meón. Uch, cuir díot an t-ainteas níl an oiread cúise ghearáin agat a's go mbeidhfeá ar fraoch mar sin: buile fhíochmhar.

ainteasach: *a.* brothalach, éagcruasach, borrtha. Is ainteasach an uain í, níl ionam corruighe, tomfad san bhfarraige me féin: brothalach, meirbh. Is ainteasaighe go mór anocht an bhreóidhteacht: níos luaithe cuisle agus níos laige. Maoluigh tú féin, ná bí chómh h-ainteasaidhe a's bheith ag tarcuisniughadh gach éinne: neamhruthagach.

ainteasaidhe: *a.* brothalach, te, meirbh. Aimsir ainteasaidhe go gcaitheadh na daoine na h-oidhcheannta amuigh fén spéir: chómh dian-the sin ná bhféadfaidís fulang codailt istigh. Dá mbein ainteasaidhe mar thu do bheadh náire orm aghaidh do thabhairt ar aonne: gan foidhne, lasánta.

aintighearna: *f.4.* droichthighearna, tighearna dian, tíoránach, géirleanamhnaidhe. Aintighearna nách túisce do bhíodh an gála cíosa tuithte 'ná chuireadh sé báillidhe amach muna ndíoltí ar an lá spric é: tighearna gan pioc daonnachta. Aintighearnaidhe na Frainnce a's a gcuid géirleanamhna budh bhun leis an móir-éacht: tighearnaidhe gur

chuma leo bochtanacht na ndaoine. Cá bhfaghfá aintighearnaidhe ar fuaid an domhain mar bhí againn annso in Éirinn: tíoránaigh diallta.

aintighearnacht: *b.3.* tíoránacht, géirleanamhaint. Ní raibh aon rud i gceann an Pheárnéalaigh ach claoidheachtaint na h-aintighearnachta, de ló agus d'oidhche d'ionnsuigh sé í: géirleanamhna agus déine. Mo thuairm, dá mbeadh aon ughdarás agat, a bhuachaill, gurb aintighearnacht é: mursantacht agus lámh láidir.

aintreise: *b.3.* tíoránacht; árd-nirt. Sé dubhairt an dochtúir, ar a thaithighe, nár bhuail aon fhear leis a fhuilng oiread agus gur lé n-a aintreise do théarnuigh sé: neart agus buancas tar barr ar fad.

áir: *b.2.* mío-ádh, millteacht. "Áir ort nách bhfanfadh socair" deirtear lé duine nó ainmhidhe ná bíonn suaimhneasach: mío-ádh ort. "Áir ort ar thóin capaill anáirde": deirtear lé duine nó ainmhidhe a chiapas tu: go ngabhtar de lasc ort mar a deintí lé cuirpeachaibh sa tsean-aimsir, ach ní lé drochaigne deirtear. "Áir ort, mar an me atá clipighthe agat": tóraidheacht go raibh ort. "Áir a's airc ort", seo guidhe atá níos treise: "géirleanamhaint a's ceal ort".

airc: *b.2.* sainnt, cíocracht ocrais; ceal, cruadhtan, deacair. Do stad cnámh 'n-a scórnaigh a thacht é lé h-airc chun ithte: craos, deithineas ithte. Taidhbhsightear dom nách bhfuil leath mo dhóthana ar an mbórd mór bhídh tá an oiread san airce orm: ocras doshásta, craos deamhan ionam. Airc go gcuiridh an biadh ort munab ort atá an craos chun ithte: masmus, míoshástacht goile. Léan oraibh, ní fheaca riamh ach airc oraibh gur thuit oidhreacht oraibh: ceal a's cruadhtan: sprionlaitheacht agus cruinneas.

airc: muca óga, banbhaidhe. Gheall sé na h-uirc agus na h-airc: gheall sé na muca agus na banbhaidhe: gheall sé an saoghal mór. "Ag déanamh cróidh roim na h-airc ataoi": ag déanamh cróidh (botháin) sara saoghaluigheann an chráin an t-ál.

áirc: *b.2.* long Neó. Sin capall a bhí san áirc: tá sé chómh h-aosta leis an gceódh féin. "Sid í an áirc", deirtear le h-aon tsean-árus, mar nadhbhóg, bád nó long go mbíonn cuma a gnótha uirthe.

airc luachra: *b.2.* nathair bheag a gheibhtear ar shléibhtibh a's chnocaibh. Seanrádh seadh dá gcuimilteá i gcoinnibh do theangan í ní dheargóchadh teas dá mhéid uirthe.

airceach: *a.* sainnteach, doshásta i dtaobh bídh. Fair é ag itheadh, ag snapadh sag slogadh, nách airceach an duine é: sainnteach ar nós sutha muice. Is aircighe tímcheall búird tú ná cráin: d'íosfá breis agus dhéanfadh sí. Ná cuir chómh h-airceach chun do ghloine: craosach. Cailín an-airceach atá agam, mílseán, peictiúiridhe, bronntaisidhe ó ló go chéile: ag síorthnúth uaim. B'é a mhian an obair ar fad bheith aige d'fhonn go mbeadh an t-airgead ar fad aige, chómh h-airceach san do: sainnt chun na breise.

airceachán: *f.1.* duine nó ainmhidhe cíocrach. Léan, ort a airceacháin, an gcaithfir an lá ag itheadh, ní fuláir nó tá goile fallsa agat: duine doshásta. "Fág mo bhealach, a

airceacháin chaca!", deirtear lé duine ná bionn aon anam ann ach oiread agus bheadh i nduine bheadh tréis an iomad d'itheadh.

áird: *b.2.* treó mar "thuaidh" nó "theas", ceanntar, líomatáiste; aire, cúram, ceann, sonas, ádh, riar, maitheas. "Cá bhfuil an ghaoth ag séideadh as indiugh?" - "as an áird thuaidh". "Cá háird go bhfeiceann tú an long?" – "siar". "Cad áird gurb as duit, a dhuine mhaith?" – "ó cheanntar Thráighlí dómhsa". Cad é an saghas áirde atá ó thuaidh ón Oileán Úr? cad é an saghas réagúin? Ghaibh an long thréigthe ón áird thiar: aniar. Chaith sé a fhiacla ag tabhairt cómhairle dá chlainn ach níorbh fheárr dho ná éisteacht, ní raibh aon áird aca air: níor chuireadar aon tsuim ann. Deoch seadh beóir nách bhfuil puinn áirde ag muinntir na tíre seo uirthe, is fearr leo beathuisce nó leann dubh, nó deoch ar bith eile: níl mór-éileamh aca uirthe. Ná cuir aon áird i gcainnt na gcómharsan má's maith leat aigne shuaimneasach do bheith agat: ná tóg aon cheann dá ráidhtibh. Do dhuine gan áird is fusa a ghnóth do dhéanamh: duine gan an mheas cóir aige air féin, duine suarach. Máchail gan áird atá ar do cheann, ní gádh dhuit aon scannradh do bheith ort: máchail bheag nách fiú trácht uirthe. Sraoill gan áird seadh aon bhean nách mbeadh tigh glan, slachtmhar aice: bean fhaillightheach, neamhghasta. Is mó an áird atá ar fheóil 'ná ar iasc i Sasana: is luachmhaire leis na daoinibh í. Tuarasdal gan áird d'fhear tighe seadh púnt sa tseachtmhain: ní fiú trácht air chun maireachtainte. Tháinig sluaighte saighdiúiridhe 'on Eóraip chun an chogaidh mhóir as chúig áirdibh na naoi bhfionn: ón uile threó sa domhan. Connus tá an duine breóidhte indiugh? – níl aon áird air: níl sé go maith in ao'chor. Dá mbeadh aon áird agam ar airgead do bhailiughadh dob'fhuraiste dhom san agus an tuilleamh mór a bhí agam: fonn. Buille gan áird do thugais don ndoras: ní mharbhóchadh sé cuil: buille gan fuinneamh. Éirigh as, scéal gan áird atá agat, breallach, drochaithriste: scéal nách fiú éisteacht leis. An bhfuairis freagra ar áird uaidh?: freagra sásamhach, taithneamhach.

áirde: *b.4.* aoirde, an fhaid a éirigheas aon rud ón dtalamh, ó n-a bhun, nó ó n-a fhotha. In áirde (anáirde) ar an bhfaill: thuas i bhfad innte nó ar a bárr. Shuidh sé anáirde ar an mbórd: go ceart ar an mbórd. Níor chuir sé gloine riamh chun a bhéil nár thug sé a tón anáirde: d'ól sé an uile bhraon a bhí innte. Níl luid éadaigh anáirde air, an duine bocht: andhroch éadach atá air. Ag stoladh sag stracadh go dtí nár fhágadar balcais anáirde ar a chéile: ar a gcorp. Thainig gála gaoithe a thug tón (tóin) anáirde a raibh de stiocaidhibh coirce sa ghort: a chaith tóin thar cheann iad, a leag iad. Tabhair tón anáirde an mála san: scaoil amach a bhfuil ann. Caitheadh anáirde ceaca taobh a imreóchadh leis an ngaoith: bonn airgid do chaitheamh san aer. Chuaidh an saoghal chómh dian san air, dochar, deacair, cathughadh in aghaidh an lae gur chaith sé anáirde leis féin sa deireadh é (a shaoghal): chlaoidh sé leis gan cheisneamh, deimhnightheach de gurbh é sin a dhán feasda. Nuair bhuail an cath, chaitheas anáirde liom féin agus chuadhas ann: chuadhas n-a treis gan bac cuimhneamh ar cad tharlóchadh dhom. Is minicighe ar lár me ná anáirde: bocht ná bheith go maith as. Ag dul anáirde ar dhrom an tighe bhí sé nuair thuit sé: ag gluaiseacht suas. Chuir an garsún a lámh anáirde nuair fhiafruigh an máighistir ceist den rang: d'árduigh sé í. Tá ainm Chill Áirne anáirde lé n-a bhreághthacht: is fada agus is fairsing cáil a áilneachta. Éirghe anáirde gan cur leis, ag imtheacht ag aeridheacht ó áit go h-áit ag caitheamh sag tabhairt a chúil lé n-a ghnóth a bhain an bonn uaidh: iomad baoise. Sin í agat í gabhtha ó bhonn go báthas in éadaighibh mná uaisle a's gan pingin n-a spaga,

is mór an t-éirghe anáirde é: tóirtéis, meas thar ceart aice uirthe féin. Gluaisteán, craolachán, guthán, guthadán a's gan de theacht isteach aige ach chúig púint sa tseachtmhain, 'sé an t-éirghe anáirde é: gothaide móra gan cur leo aige. Tá éirghe anáirde anois fút ná raibh tamall nuair bhís chómh dealbh lém bhais: gothaidhe agus meas míochuibheasach. Níl aon trionóntaidhe sa tigh sin, tá sé anáirde lé fada: chun cead cuana agus sealbha do thabhairt do dhuine ann. Aistreóchad amach fén dtuaith agus cuirfead anáirde mo thigh sa chathair: tairngeóchad é lé díol nó ar cíos. Tá an capall ag cos anáirde: ag rith n-a léimeannaibh. Ní bog ná suaimhneasach do dheineann sé aon nidh ach ar cosanáirde: deithineas mór. Thug an chú bolg an ghirrfhiaidh anáirde tréis trí cúrsaidhe an ghuirt do thabhairt: do mhairbh sí é. Chaith an bacach an lá bolg anáirde lé sámhán: sínte ar a dhrom, go díomhaoin. D'fhág sé an tigh béal anáirde gan glas gan cip: gan chosaint, gan aire.

áirdfheadhmanach: *f.1.* an fóghantaidhe is aoirde, árdoifigeach, árdmhaor, príomhdháileamh tíghe mhóir. Albanach a bhíodh i gcómhnaidhe n-a áirdfheadhmanach ar an dtalamh tímcheall na cúirte ag an dtighearna: an fear a bhíodh freagarthach i gcúram na h-áite. Fear tábhachtach dob eadh é an lá ceapadh n-a áirdfheadhmanach ar an lón cogaidh ar fad é: an t-oifigeach a raibh riar bídh, armála agus éididhe an chogaidh fé n-a chúram. Thug an rí órdughadh dá áirdfheadhmanach ollmhaithistidhe bídh agus dighe do bheith ar an bhfleadh in onóir na dtoscairidhe thar lear: an ceann tighis.

áirdgheóin: *b.5.* (*airdgheónach*) glór mór, scread, liach; fuaim a's fothram mar bheadh ag eascal mara. Do dhein an chonairt áirdgheóin ameasc na ngleann a's na gcomar ag tóraidheacht an tsionnaigh: glór agus mac alla b'ionchlos i bhfad. Feadghail an ghála trí théadraidh na luinge, b'áirdgheóin é a scannróchadh thu: glór uaigneach, fíochmhar, bodhardha. Ní fhéadfadh an máighistir áirdgheóin na scoláiridhe do mhaolughadh nuair fhógair sé laetheanta saoire dhóibh: gleodh a bhodharfadh thu.

áirdinntinn: *b.2.* árdach meanman, bród, tósdal, mian mór aigne, uaisleacht meóin. Gidh bocht é lé h-áirdinntinn lé linn a chruadhtain ní ghlacfadh sé cabhair: uaisleacht. Ar chlos do go raibh na daoine buidheach ar son a ndeárna sé de mhaitheas dóibh tháinig áirdinntinn air: áthas mór croidhe agus anama, bród. Ní bheannuigheadh sí d'aonne ar an sráid ach gabháil thársa sa ceann anáirde aice lé h-áirdinntinn: mustar a's mór-is-fiú.

áirdinntineach: *a.* bródmhar, mórmheastamhail, tósdalach, fonn nidhthe móra do dhéanamh. Chaith sé uaidh a bheart in arm Shasana agus tháinig ag troid ar son na hÉireann bhí sé chómh h-áirdinntineach san: fonn mórghníomh air. "Is cuma liom", ar seisean, "cad é mo dhán ná cá críoch a cuirfear orm, ó dheineas mo dhualgas ar son mo dhúthaighe". "Sin bréithre áirdinntineacha", ars an breitheamh, "agus is oth liom tú bheith ag dul ar míriar". Líon tighe áirdinntineach iad súd, níor mheall airgead ná ionad riamh iad: neimhspleádhach, daingean. Nách áirdinntineach an buachaill ag léigheamh sag foghluim gach uair bhíonn cao agat: go n-aigne árd.

airdreacht: *b.3.* an dlighe is aoirde. Is fésna daoinibh féin atá gach áirdreacht do dhéanamh sa stát anois: an dlighe is daingne agus is tábhachtaighe dá mbeatha.

áirdscéal: *f.1.* scéala maithe, clú mór; scéal anmhaith. Do shroich áirdscéal indiugh me gur thuit oidhreacht chúig mhíle púnt orm ó sheanúncail dom: nuadhacht áthasach a ghealfadh croidhe aonne. Do ghair an chuideachta go fada is go h-árd nuair bhí deireadh ráidhte aige leis an áirdscéal d'aithris sé dhóibh: an scéal iongtach. Bliadhanta ó shoin, bhíodh áirdscéalta mar "Madra na nOcht gCos", "Giolla an Fhiagha", "Cú Bhán an tSléibhe" dhá n-aithris ar mhórán teinteán: scéalta árd-chlúiteacha go n-éistightí leo go h-aireach. Cuireadh fios air i mB'l'Áth Cliath chun labhartha mar gheall ar na h-áirdscéalaibh a bhí air: an clú mór. Is áirdscéal liom a chlos, a dhuine bhoicht, go bhfuairis an seantáille: nuadhacht a chuireas sásamh orm.

áirdshliocht: *b.3.* sliocht nó treabh shean gurbh fhéidir leó a gcraobha geinealaighe d'aithris siar thar na céadtaibh bliadhain. D'áirdshleachtaibh Éireann dob eadh Brian Bóramha: bhí a shliocht ar na sleachtaibh budh shine sa dúthaigh. D'ainmeóchainn righthe as mo chineadh duit, d'áirdshliocht seadh me: sliocht nó treabh sheanda gan briseadh ná lúb-ar-lár innte leis na ciantaibh.

áirdstiúir: *b.5.* fuadar; fearg, maig. Bhuail sé chughainn isteach an doras agus áirdstiúir fé: fuadar, d'aithneófá ar a chlódh a's a imtheacht go raibh rud éigin ar mhaoith aige. Cuir uait an áirdstiúir, an gleódh san deithineas agus déanfair do ghnóth chómh maith: ná bíodh an oiread gothaidhe fút. D'imthigheadar chun an Daingin lé h-áirdstiúir i ngluaisteán: go blomasach, budh dhóigh lé duine ortha gur leó Éire. Tá fút rud éigin do dhéanamh agus an áirdstiúir atá ar do hata: an mhaig, an tslighe neamhchoitcheann go bhfuil sé beartuighthe ar do cheann. Chuir dul amugha spéaclaidhe fé áirdstiúir feirge é: cuthach budh dheacair do mhaolughadh.

áirdstiúradh: *f.3.* riar, smacht, riaghaltas iomlán. Is fén gcaptaen do bhíonn áirdstiúradh an bháid: is dréir a labhartha béil a deintear gach uile rud. Oiread agus gíog ní bhíonn ag an bhfear mbocht is an bhean go bhfuil áirdstiúradh an tighe: bainisteóireacht, riar. Budh rófhada do bhí a toil féin ag Sasana ag áirdstiúradh na dúthaighe seo: ag déanamh pé nidh budh mhaith léi linn. D'aindeóin gach deacra agus constaice, do dhiúltughadh cíosa d'íoc, do ghearradh coirce agus a lán eile, tá áirdstiúradh dhá dhéanamh ar an ndúthaigh: treóir agus riar maith. Is fé áirdstiúradh Dé atá an saoghal mór: is aige atá smacht agus riar iomlán air.

áirdthriath: *f.3.* an tighearna nó an taoiseach cinn. Bhí, tá agus beidh triatha i gcómhnaidhe ann ach is é Dia an t-áirdthriath na dtriath uile: an t-árdcheann.

aire: *b.4.* cúram, suim, friothálamh, seachaint. Tabhair aire dod chuid éadaigh, scuab iad, glan iad: bíodh do shúil n-a ndiaidh, ná leig dóibh droichíde d'fhagháil. "A bhuidhean, ar aire!": seasuighidh go cúramach ag feitheamh le h-órdughadh míleata. Aire dhuit! annsan ar an uisce beirbhthe: seachain tú féin; bíodh do shúil anáirde nách streallann sé ort. Fuair sé aire na fola ón ndochtúir agus ós na banaltraibh ach d'éag sé dá n-aindeóin: fuair sé an aire is fearr a bhí n-a gcumas. Ar t'aire i ngach áit dá ngaibhir: bí cúramach cad dheinir agus cad deirir. Cé atá ag tabhairt aire dhon leanbh? cé tá ag faire air ná tárlóchadh aon nidh dho? Chaitheas an oidhche fhada gheimhridh ar m'aire ag súil leis an namhaid an uile nóimint: ag faire. Ní fheadar cad dubhairt an sagart n-a sheanmhóin, níor thugas aon

aire dho: níor chuireas aon tsuim ann. Ag tabhairt aire do bhuaibh do thug an bacachán a shaoghal: ag aodhaireacht. Fuair sé saoghal fada, thug sé aire mhaith dho féin: bhí sé cúramach i dtaobh a shláinte. Tabhair dot aire an méid adéarfadh leat: éist agus cuir suim ann. Mara mbeadh an aire a thug sé ar an dtarbh phleanncfadh sé é: seachaint. Caitheann sé féin a chuid bídh d'ullamhughadh níl aonne aige chun aire do dhéanamh air: friothálamh. Lé h-aire air féin ná corróchadh sé cos nó lámh: lé h-iomad righinis a's moille: cúramacht ar a chorp, gan aon duadh do chur air féin.

aireach: *a.* cúramach, suimeamhail, seachantach, friothálach. Ná bí aireach ar do chuid airgid sas geairrid go bhfeicir a dheireadh: ná cuir suim ann. Ná bíodh súil agat le faic ón bhfear aireach san: fear róchruinn. Daoine aireacha seadh iad nách gcaitheann puinn ar mícheart: daoine gan croidhe rómhór. Bí aireach ar an mbuidéal san: ná leig é do bhriseadh. Bíonn coileán con leice bí aireach air: friotháil go maith é agus tabhair biadh maith dho. Bí aireach orm ghom thógaint anuas mar tá mo dhrom an-thinn: seachain gan me do ghortughadh.

aireachas: *f.1.* suim, cúramacht, friothálamh. Ósbuidéal an áit cheart chun aireachais do dhuine bhreóidhte, glaine, suaimhneas, friothálamh lé fagháil aige: suim do chur ann. Togha an aireachais a shaor ón mbás me: mara mbeadh daoine do bheith im chúram ní théarnóchainn. Muna dtugair aireachas dod ghnóth teipfidh sé ort: muna mbír n-a bhun agus d'iarraidh do chur chun cinn.

aireachasuighim: *b.a.* cosnaim, seachnaim. Aireachasuigheann sé é féin go maith ar an ól: gidh go n-ólann sé a chion, ní leigeann sé meisce air féin, ní théidheann sé thar cailc. Aireachasuigh do chosa ar an dteine táir ró-gheairrid di: seachain do chosa. Aireachasuigh do ghnóth agus cothóchaidh sé thu: tabhair aire dod ghnóth agus bainfir do shlighe bheatha as, bí n-a bhun mar is ceart.

aireachtaint: *b.2.* cloisint, tabhairt fé ndeara, mothúilt. Níl sé ag aireachtaint go maith tréis a chod ragairne: níl sé ag mothúilt go maith. Ar aireachtaint dom go raibh an tuile ag teacht isteach fén dtigh do bhailigheas liom go mear: ar chlos nó do thabhairt fé ndeara dom. Is iongtach an gléas é gur féidir aireachtaint air crith talmhan ocht míle míle ó bhaile: a aithneamhaint air dréir cómharthaidhe. Chuir an cat leathchluas air féin cois an phuill ag aireachtaint na luiche ag glórghail istigh: ag cloisint na luiche. Fiacladóir maith seadh é ar stathadh chúig bhfiacal uaim ní raibh aon aireachtaint ar thinneas agam: níor bhraitheas faic. Budh dheacair tú aireachtaint ar an gcraolachán mar bhí duine ag cur isteach orm: tú do chloisint go soiléir.

áireamh: *f.1.* cuntas, cúiteamh; an tsuim iomlán, uimhireacht, cur fé mhachtnamh. A bhfuaireas de bhronntaisidhibh i gcóir Nodlag, dhá cheann, is ní fiú a n-áireamh dob ar a saoire: ní fiú trácht ortha. Níor bhfhiú a áireamh an méid Gaedhilge d'fhoghlumóchadh duine i mí: ní fiú suim do chur ann lé n-a luighead. Tá Gaedhilgeóiridhe maithe na hÉireann ráidhte agat, an bhfágann tú mise gan áireamh? amuigh as an suim, gan trácht orm. Caith uaim é, ní bhacfainn leis, tá lochtaidhe gan áireamh air: iomad locht. Bhí sé de cháil air go raibh airgead gan áireamh aige: na leaga liatha, cnocáin airgid. Ní raibh againn ann ag cosaint an mháma ach áireamh fear i gcómhnáird leis an namhaid: líon i

bhfad níos neamhiomadamhla. D'admhaigh sé don Ghiúistís go raibh áireamh gunnaidhe 'n-a sheilbh, ach ní inneósfadh sé an méid: uimhir neimhchinnte. Ní fhéadfainn a áireamh duit cá minic do bhagrais orm gan bheith déidheanach: an uimhir cheart d'ainmniughadh. Bíonn cách ag áireamh mo locht a's gan neach ag áireamh mo bhuaidh: tréithe ghá n-ainmniughadh n-a gceann a's n-a gceann. Ná stad fós, bí ag áireamh thart, ní tháinighís go dtín cárta ceart fós: ghá gcur a's ag tógaint ceann díobh. Is fada mise ó áireamh: is fada gur tugadh áird orm. Cuirfead-sa ó áireamh thusa: cuirfead ar neamhnidh thu. Rinne na hÓglaigh ár gan áireamh ar arm Shasana ag Droichead Shráide an Mhóta: mharbhuigheadar mórchuid díobh. Gan mise d'áireamh in ao'chor, dá dhona me, tá daoine níos dona ná me: gan aon cheann do thógaint díom-sa. Ní aithneófá leanbh aca ón nduine eile táid in áireamh a chéile: anchosamhail lé n-a chéile ar fad. Sid é an t-áireamh a bhí uait – púnt - go cruinn: an tsuim iomlán. Cogar chugham, a bhuachaill, tá drochchortha ar t'anam agus is eagal liom lá an áirimh go mbeidh thiar ort!: an lá cuirfear na peacaidhe id choinnibh. Buachaill maith ar áireamh seadh é: cuireann sé figiúiridhe go pras, cruinn lé chéile. Is breágh an t-áireamh leabhar atá id leabharlann: scata mór de leabharthaibh maithe.

airgead: *f.1.* mianach go mbíonn cómhartha ughdaráis an Stáit air mar adhbhar iomlaoide. Airgead bán, geal seadh scilling, cuir i gcás, airgead buidhe seadh sabhairn óir, cuir i gcás, airgead ruadh seadh pingin cuir i gcás, agus airgead páipéir seadh bille púint cuir i gcás. Airgead beó seadh airgead leachta agus d'fhanas mar sin i ngach saghas aoráide. Ní bheadh an sagart sásta leis an airgead pósta: an táille. Díreach i lár an chluiche cártaidhe do bhris foghlaidhthe isteach agus do sciobadar an t-airgead imeartha a bhí cruachta i lár an bhúird: "an stáca". Ní bhfaighir aon deoch sa tigh seo gan airgead síos: airgead ar an gclár, gan cáirde. Seo púnt duit, imthigh go dtín siopa agus faigh airgead mion air, ocht leathchorónacha: airgead beag. Mara mbeadh airgead tirim do bheith agam do raigheadh go h-olc liom nuair chuadhas as obair ar feadh bliadhna: airgead saothruighthe. Cuireadh mo throscán i bpóna agus chaitheas fiche púnt airgead scuit do dhíol as chun é d'fhagháil: airgead fuascalta. Lá amháin do fuaireas coróin airgid póca: airgead i gcóir costaisidhe beaga neamhghádhtaracha. Ní mar a chéile airgead reatha na tíre seo agus airgead reatha na Frainnce: an t-airgead a bhíos ag imtheacht ó láimh go láimh. Airgead luachra: bláth áirighthe. Idir airgead teampaill, airgead pósta agus airgead baistighe agus shraith, beatha bocht go maith atá ag an sagart: an t-airgead tógtar ag doras na h-eaglaise. Bhíodh airgead teinteáin dhá dhíol ag daoinibh fadó: saghas cíosa ar an dtigh. Dorn, bas, mám, crobh airgid: an oiread a's is féidir d'iomchar sa láimh. Chuir an siopadóir an bonn fén fhiaclaibh agus lúb sé leis, sin mar fuair sé amach gurbh airgead bréagach é: airgead ná raibh an mianach ceart ann nó nár deineadh i gceárdchain na dúthaighe. Tá an fharraige mar airgead leachta fé lonnradh na gréine: chómh geal le. "Airgead seadh é!" ars an tuinncéir nuair tairngeadh scilling do ar an asal (lé seanbhlas). Mórchuid de idir ór a's airgead: buidhe a's bán. Bata cinn airgid: bata go mbíonn airgead ar an ngreim.

airgeadamhail: *a.* saidhbhir, ionamhasach. Tír airgeadamhail seadh an t-Oileán Úr: mórán airgid n-a rith. Má táir airgeadamhail tabhair púnt ar iasacht dhom: má táir teann fé airgead. Deirtear gur flaith san India thoir an fear is airgeadamhala sa domhan: is mó d'fhéadfadh airgead d'áireamh.

airidhe: (**araidhe**) *b.4.* cómhartha, rian, cómhartha fé leith a chuireas cáilidheacht duine in iúil: beith (cáilidheacht): tréith. D'aithnigheas go raibh sé ag foghluim an bháis, bhí na h-airidheanna san air: a chómharthaidhe, a chuma. Thaithnigheadh sé lé gach aonne chidheadh é, mar budh bhreágh an airidhe fir a bhí air: gné a chuirfeadh in iúil go raibh mianach fir mhaith ann. A h-airidhe ní fheaca ar mhnaoi riamh: áilne agus slachtmhaire.

airigim: *b.a.* scriosaim, creachaim. D'airig an chóch ón gcnoc an paróiste ar fad, níor fhág sé luid in iothlainn: scrios sé stácaidhe a's cocaidhe. Diall ceart dob eadh Cromaill d'airig sé an tír le cloidheamh a's teine: chreach sé í, mhairbh sé na daoine agus dhóigh sé na barraidhe as na tighthe.

airigthe: *a.* creachta, scriosta. D'fhágadar airigthe me tréis na h-oidhche, bhuadhadar céad púnt uaim: chreachadar me, níor fhágadar luid agam. Cathair airgthe d'fhág na saighdiúiridhe n-a ndiaidh, bhailigheadar leó ar bhuail leó: cathair chreachta.

airigtheach: *f.* foghlaidhe, creachadóir, scriostóir; truaghán, duine creachta. A airigthigh bhoicht, tá cuma an ocrais ort, buail isteach, téidhidh thu féin agus ith: truaghán. Tháinig an lucht fiach orm in aonfheacht gan cao do thabhairt dom, d'árduigheadar leó a raibh agam a's d'fhágadar im airigtheach me: im dhuine dhealbh. Airgthigh chearta seadh siopadóiridhe; féach an luach mór atá aca ar fheoil agus caoirigh a's beithidhigh ar mhargadh an tseanchorcáin: creachadóiridhe.

airigtheóir: *b.3.* creachadóir, screafadóir, bánadóir. Sa tseanaimsir nuair thuiteadh cathair leis an namhaid ní fhágadh na h-airigtheóiridhe faic ag lucht na cathrach gan do bheith aca féin, na h-airigtheóiridhe: lucht fuadaigh a's éigin.

airidheacht: *b.3.* cuma, deallramh, imtheacht (cómhartha), clódh. Is olc liom í sin mar spéir, tá sneachtadh innte, ní airidheacht mhaith ar an lá í: cómhartha go mbeidh drochaimsir againn. Tá cuma mhaith shláinteamhail ort ach dar ndóigh bhí an airidheacht riamh ort: deallramh deighfhéachain. Níl an lá in airidheacht taisdil fhada: níl sé de chuma air go ndeanfaidh sé lá maith bóthair.

airigheach: *f.1.* fear fartha, foraire, fear aire áite. Ní mór dá chuid do scaoileann sé uaidh go haindeis, airigheach cruinn seadh é: faireann sé cad bhíonn dhá dhéanamh aige leis. Tá muinntir eile an tighe go léir imthigthe chun farraige agus d'fhágadar mise im airigheach: duine tabhartha aire. Níl neach sa tigh móir anois ó cailleadh an seanthighearna ach airigheach: duine go mbíonn súil n-a dhiaidh aige. Do chodail an t-airigheach agus tángthas i ganfhios ar an gcampa n-a shuan: an foraire, saighdiúir fartha.

airighim: *b.a.* brathaim, tugaim chun cruinnis, fé ndeara, cloisim, tógaim ceann de, cuirim suim ann, mothuighim do, tá truagh agam do. Fág an áit sin, an airighir leat me? an gcloisir me agus an dtugair áird ar m'fhógra? Ar airigh aonne riamh roimhe seo fiche duine do bhádhadh as aon bháidín amháin? ar chualaidh aonne é, nó ar léigh sé é? Cad airighir ar mhullach an chnuic go bhfuilir ag féachaint chómh géar san air? cad chidheann tú nó thugair fé ndeara? D'airigheas trím chodladh mar bheadh lámh dhaonna dhá chimilt

ar m'aghaidh agus phreabas: bhrathas. Níor airigheas aon nidh ag siubhal an bhóthair dom im aonar gur threascair rud éigin isteach 'on díg me: ní raibh coinne agam lé rud ar bith gur caitheadh go h-obann me. Ní aireóchair aon tinneas ón bhfiacail dhá stathadh, mar fiacladóir maith seadh é: ní bhrathair ach díreach mar bheadh ná beidhfí dhá stathadh in ao'chor. Airighim ó phréachán dubh éigin go mbeir ag imtheacht tar lear: aithnighim ar chainnt dhuine áirighthe é. Dá n-aireófá cad is bochtanacht ann bheadh breis mhaoithneachais agat do sclábhaidhthibh: dá meabhrófá, dá dtabharfá chun do thuigseana é. Do scannruigh a raibh ar bórd nuair airigheadar tón na luinge ag scríobhadh ar thalamh chruaidh: nuair bhrathadar freangaidhe ag gabháil trí chreat na luinge. Airighim an biadh so go maith: tugaim fé ndeara é ó n-a bhlas. "An gcloiseann tú an bladar atá aige leat?" "is mé chloiseann, ach is mé ná h-airigheann": ná tógann aon cheann de. Fear cruadhchroidheach ná h-aireóchadh do dhuine i mbuadhairt agus níor airigh aonne dho nuair tháinig buadhairt air: ní raibh taise ag neach do.

airightheóir: *f.3.* duine a thugas rudaidhe fé ndeara go cruinn, nó a éisteas go h-aireach, cúramach: duine a bhrathas cad bhíos ar siubhal n-a thímcheall. "Ná h-imthigeadh aon nidh thar do chluasaibh, bí ag faire a's ag éisteacht" – "ná bíodh eagal ort, airightheóir maith mise." Níl aon teóra lé mnáibh mar airightheóiridhe ar shráid bhaile mhóir. Ní bhíonn hata, casóg ná aon éadach nuadhnósach ban i bhfuinneóig ná i gcúinne ná go bhfaigheann a súil amach é: géar-shúileach. Níor ghádh dhuit ach féachaint air nuair bheadh a fhios aige cad bheadh it aigne, tá sé n-a airightheóir chómh mór san: duine anghéarchúiseach, braiteólach seadh é.

áirmhthe: *a.* cómhairighthe, caithte ar a chéile; ionáirighthe, iontugtha fé ndeara. Leathchoróin d'fhagháil ar chéad ubh níorbh áirmhthe é sa tsaoghal chruaidh atá ann: níorbh fhiú trácht air. Duine galánta é, áirmhthe d'ár gcuideachtain: oireamhnach bheith n-ár measc.

áirimhtheóir: *f.3.* cúntasóir, fear a réidhtigheas ceisteanna. Sin fear nár chaith lá riamh ar scoil agus fós níl fear, bean ná leanbh annso ná go n-ínnseadh sé duit an lá a saoghaluigheadh iad, sin é go dtugaim-se áirimhtheóir air: duine gur féidir leis tagairt chruinn do dhéanamh d'imtheachtaibh. An-áirimhtheóir atá san oifig aca, cloisim nách bhfuairtheas dearmhad riamh n-a dhiaidh: cléireach deagheólgach. Nár mhaith an t-áirimhtheóir a dhein amach anuiridh an uair den dtráthnóna go raibh sé n-a lán mara i gCath Chluain Tairbh? fear réidhtigh cruaidhcheiste. An iongadh leat gur chailleamair an cluiche agus an camaire a bhí mar áirimhtheóir againn: an té a bhí ag coimeád cúntais gach chúige.

áirighthe: *a.* cinnte, deimhnightheach, sonnradhach, fé leith. Dubhairt duine áirighthe liom, ach ní inneósad cé hé, go raibh olc agat chugham: duine gur féidir bheith deimhnightheach dá fhocal. Ní bhfaigheann ach daoine áirighthe dul isteach i láthair an uachtaráin, a rúnaire nó na h-airidhe: daoine tábhachtacha nó gur b'é a gcúram é. Ní h-é gach aon spailpín go labharfainn-se leis ach daoine d'áirighthe (áirighthe): daoine gurb é mo thoil féin. Pé duine bheidh ag an aifreann beidh cléireach na h-altóra ann ach go h-áirighthe: gan aon amhras. B'ait liom é nár thug sé cuireadh d'aonne go h-áirighthe tusa go mbíonn seisean id thigh go minic: go sonnradhach thar aonne eile. "Daoine áirighthe",

ar seisean, “nách bhfuil fáilte rómpa sa tigh seo”. Tuigtear as an saghas san cainnte gur ag tagairt don té a bhíos ag éisteacht do bítear nó do dhuine éigin go mbíonn aithne ag eisean agus ag an gcainnteóir air. Tá sé chómh ceanamhail ar mhnáibh leis an té seo d’áirighthe: an té is eól do gach aonne gan a ainm do luadhachtaint.

áirighthe: *b.4.* cinnteacht, deimhnightheach, rud sonnradhach. Is mó an ainm ’ná an áirighthe i gcómhnaidhe ag an iascaire: cuirtear breis leis an méid a bhíos aige. Níl an oiread léighin air agus deirtear do bheith, is mó an ainm ná an áirighthe: maoidheamh as a chuid foghlumtha. Bádhadh a bhí in áirighthe dho dréir deallraimh, duine ná raibh riamh roime sin ar an muir: bádhadh dob eadh a dhán: ní raibh aon dul uaidh aige. Tá m’ainm istigh agam ar an áit atá anáirde ach níl aon áirighthe agam go bhfaighead é: aon deimhnightheacht. Seo coróin duit, glaoidh ar an amharclann ar an nguthadán agus chuir dhá shuidheachán in áirighthe i gcóir an léirighthe anocht: do ghabháil. “An bhfuil an chathaoir seo in áirighthe?” – “tá, nách bhfeiceann tú tuicéad ghá rádh san uirthe”. Tá na suidheacháin go léir in áirighthe ach níl aon cheann aca gabhtha fós: iad bheith fostuighthe ach gan aonne do bheith n-a suidhe iontu fós. Táim gan slighe bheatha, gan áirighthe: súil lé slighe éigin go mairfeadh duine air. D’fhág an t-athair an áirighthe chéadna airgid ag gach duine dá chlainn, shaoil an mac budh shine gur cheart do féin breis d’fhagháil agus chuaidh sé chun dlighe leis an gcuid eile: an mhéid chéadna. Áirighthe mhaith seadh an siopa san, bíonn trácht mhaith ann: deimhin dul chun cinn. Cloisim go bhfuilir in áirighthe lé Síghle Ní Thuathail: geallta chun pósta. Nách mór an deabhadh atá abhaile ort, bhí súil againn go bhfanfá ar feadh seachtmhaine, fan go maidean ach go h-áirighthe: pé scéal é: ar a luighead. Cad é an áirighthe bliadhanta, dachad nó cúig a’s dachad do chaithis san Oileán Úr: tréimhse shonnradhach. “Cuirfimíd”, ars an ceann liom, “pian d’áirighthe ortsa, a bhrathfair”, is maith bh’fios dom cad é – na h-ingne do stathadh dhíom.

airís: (**arís**) *d.bh.* uair eile. Buail airís é agus airís eile: an dara babhta agus go minic. Fear neamhmaitheach seadh dréir fhurmhór na ndaoine, airís dá mbeadh aithne agat air ní h-aon droichfhear é: dá aindeóin sin. Nuair deirtear airís lé duine i dtaobh aon nidh dheineann sé agus gur mhaith leat an rud céadna do thárlachaint, deirtear “airís! airís!”

airm: úirlisidhe. Airm feirmeóra: céachda, bráca, rann, sluasad, innill etc. Airm mhóna: isleás, picidhe, rainne, sluaiste. Dá mbeadh airm a ndóthain ag muinntir na hÉireann ní bhuaidhfeadh Sasana riamh orainn: gunnaidhe, cloidhte, etc.

áirmhim: *b.a.* cómhairighim, cuirim ar a chéile, bheirim cúntas air; tráchtaim air, luadhaim, tugaim fé ndeara. D’áirmhigheas tharm a bhfeaca dem lucht aitheantais tar lear: d’ainmnigheas iad. Glaodhadh ar a raibh láithreach ach orm-sa, níor áirimh aonne ann nó as me: ní dubhairt an bhfuil sé annso, tá sé nó níl sé annso. “Cad mar gheall orm-sa, an bhfuil aonne im chúram?” – “ní áirmhigheann aonne tusa”: ní fiú lé haonne suim do chur ionat. Tá cabhair ár ndóthain againn chun na h-oibre, tusa, mise, Seán, ní áirmhim Séamas: gan cabhair Shéamais do luadhadh in ao’chor. Nách mór an deabhadh atá agat lé pósadh i mbliadhna, in aois t’fhiche bliadhan duit, ná fanfá go dtín mbliadhain seo chughainn, áirmhimse go mbeidhfeá luath do dhóthain cúig bliadhna ó indiugh: mo thuairm-se: is fíor go mbeidhfeá.

áirne: *b.4.* fáschrann nó a thoradh de shliocht an phluma, an droighean; bíonn an toradh géar. Tón na hÁirne: geanc talmhan ar Inis Mhic Fhaolaoin toisc a duibheacht. Bhí mo dhá shúil chómh dubh lé h-áirne ó bheith ag gabháil orm: an-dubh, ciardhubh. "Níl áirne dubha, ná sméara ná leacain n-a ngáirdín" – líne as an gCnoicín Fraoigh í sin.

airneán: *f.1.* obair oidhche; ag fanacht ar an dteinteán siar amach san oidhche. "Airneán go meádhon oidhche agus codladh go h-eadarshuth": ag fanacht an-dhéidheanach suas agus ag codladh an-dhéidheanach ar maidin. Ní hé gur fear mór oibre é ach fear mór airneáin: i dteannta obair chosamhail an lae do dhéanamh, caitheann cuid mhór den oidhche ag obair. Do mheil na h-oidhcheanta airneáin a chaitheas leis an nduine breóidhte me: oidhcheanta fartha aire ar dhíothchodlata. Níorbh fhada ón lá é, ach bhí aon tsolas amháin le feicsint uaim agam, agus buaileadh im aigne go raibh airneán éigin ar mhuinntir an tighe sin: suidhe déidheanach lé cúis éigin. Lé cion ar chártaidhibh chaithfeadh sé an oidhche ag airneán: gan dul a chodladh. Beatha airneáin seadh beatha dochtúra: ní fios do cathain glaoidhfí ist oidhche, ach is ag banarthla bhíonn an t-airneán ceart: suas ar feadh na hoidhche. Airneáin seadh é, má tá sé déidheanach, béarfair gan dul a chodladh ortha: líon tighe ná bíonn mórfhonn ón dteinteán ortha. Chaith sé an iomad den gcoinnil airneáin: ag obair siar i mí mhairbh na h-oidhche leis an solas. Chúig oidhche i ndiaidh a chéile agam gan luighe ar mo shúil d'iarraidh aire do thabhairt do; níorbh airneán go dtí é: ceal codlata, suaidhtheacht a's imnidhe. Mara gcuirir deireadh leis an airneán is tinn dod shláinte: muna dtéidhir 'on tsúsa.

airneánach: *a.* do dhéanamh fartha na h-oidhche mar a dhéanfaí ar dhuine breóidhte; ag obair siar san oidhche, ag fanamhaint ar an dteinteán. Connus fhéadfadh duine airneánach bheith n-a mhochóirighe: duine leadaránach ag dul a chodladh. Cúis airneánach duine breóidhte i dtigh: is éigean do bheith suas leis. Chaitheadh na seanmhná go meádhon oidhche an turcaighe go hairneánach leis an dtúirne: ag obair go déidheanach. Rug airneán dighe airéir orainn. Le fuinneógaibh an lae thángamair abhaile: leadrán is déidheanaighe caithte ag ólachán.

airneánaidhe: *f.4.* duine a oibrigheas siar san oidhche, fairtheóir na h-oidhche. Thug Tomás furmhór a shaoghail n-a airneánaidhe i stór mór cadáis i Nuadh Eabhrach: n-a fhear fartha. Níl aon bhaoghal go dtiocfaidh aon bhitheamhnach 'on tigh seo i ngan fhios, tá airneánaidhe maith madra againn: madra braithteach nách dtiocfaidh aon chodladh air.

áirnéis: *b.2.* eadáil, rothaidhe, earraidhe, fagháltaisidhe. Is bocht, seang atá an áirnéis tréis an gheimhridh chruaidh: ainmhidhthe na talmhan, ba, beithidhigh. Ní fhéadfainn an cháin teachta isteach d'íoc, tháinig na báillidhe agus d'árduigheadar leó mo chuid áirnéise: troscán mo thighe. "Sin é do mhála, sin é do chuid leabhar", ars an bhean bhórdála, "agus má tá aon nidh eile leat annso, árduigh leat t'áirnéis": do chuid phearsanta féin. Chuarduigheamair gach seómra sa tigh a's ní bhfuaireamair aon áirnéis ann gurbh fhiú trácht air: fagháltaisidhe, aon rud a raigheadh lé tigh.

airthinneach: *a.* géar, greadach (mar chneadh), cáiréiseach, cnáimhseánach, beacht. Bíodh an uile rud i gcóir agat ar eagla mileáin d'fhagháil, cigire airthinneach seadh é;

teastuigheann uaidh gach nidh bheith cruinn n-a cheart. Ná caith an lá ar fad ar ghléasadh do bhróg, ní gádh bheith chómh h-airthinneach san, ní ar aonach ná ar rás ataoi ag dul: chómh cúramach, cruinn, beacht. Dá airthinnighe bhí sé orm ag obair do is iomdha seal díomhaoin do chaitheas dá aindeóin: dá dhéine agus dá bheachta. Bean airthinneach ar a cuid éadaigh seadh í: fáiscighthe, gasta, slachtmhar: bean cháiréiseach. Gaoth adtuaidh agus cloichshneachtadh ag gabháil díom, lá airthinneach agam dob eadh é: fuar nimhneach. Ní shásóchadh an diall féin indiugh, ní fheaca aonne is airthinnighe ná tú: cníopach, míoshásta.

ais: *b.2.* bruach, ciumhais, taobh, aice. Fág do rothar annsan le h-ais an fhalla: buailte leis an bhfalla. Sé áit an tlúidh le h-ais na teine: i ngiorracht di, lámh léi. Lé h-ais Átha Cliath atá Beann Éadair agus ní le h-ais Chorcaighe: i bhfogus do (fé mar labharfí in imigcéin). Beir ar ais an leabhar so chugham nó an diall dom a bhéarfas leabhar choidhche airís duit: fill orm é. Dubhart leis lá amháin a bhóthar do thabhairt air agus labhairt liom, as san amach níor labhair sé thar n-ais chugham: airís, an dara h-uair. Mara mbeadh airgead do bheith lé n-a ais aige ní cheannóchadh sé tigh daor mar sin: n-a chóngamh. Gheóbhad lém ais an foclóir seo do chríochnughadh, lé cóngamh Dé go raibh lém ais: cuirfead rómham é agus cabhair liom. Ar mh'anam féin, a bhuachaill, go raghfá ar scoil dá mbeadh slat lét ais: dá mbeadh eagla ort go gcuirfí slat n-a luighe ort. Le h-ais na conntabharthach do chaitheann sé furmhór a shaoghail: ag ól. Bead-sa lé t'ais lé linn do ghádhtair: chun cóganta do thabhairt duit. Ní gheobhainn lém ais thu ar a bhfeaca riamh: ní thabharfainn cosaint duit. Ná cuir na h-uibhe lé h-ais a chéile gan sop eatartha nó brisfear iad: buailte lé chéile, an-chomhgarach. Fuaireas an capall sa díg drom ar ais: a dhrom ar talamh 'sa chosa anáirde, ar míochomhthrum.

áis: *b.2.* deóin, toil. Nách mór an dúil i gcearrbhachas é go gcuireadh sé a chuid éadaigh i ngeall chun airgid do bheith aige dho, bheadh sé ag imirt ar áis nó ar éigean: chaithfeadh sé airgead d'fhagháil ar chuma éigin, cam nó díreach. Thug sé uaidh an chathaoir dá áis féin: gan aonne ghá lorg air.

áis: *b.2.* braith, muinghin. Cuimhnigh anois gurb ort atá m'áis glaodhach ar an ndochtúir mar ná fuil aon teachtaire eile agam; is ort atáim ag brath. An-dhealbh i gcóir an lae, aon scillinge amháin a bhfuil d'áis agam; táim i leith aon scillinge amháin.

áis: *b.2.* earraidheacht, caothamhlacht, fóghnamh, cleachtadh coitcheann, aon rud soláimhe. Bíodh an leabhar san agat, tá sé léighte agam, anois níl aon áis agam de: níl aon ghnóth agam de, níl aon earraidheacht agam le baint as. Is mór an áis do thigh tobar uisce i mbéal dorais: rud caothamhail, tairbheach. Is fada go raibh áis a chéille aige ó buaileadh san inchinn é: fóghnamh, a mheabhair trí chéile. Tabhair dom an scian mara bhfuil aon áis agat dhá bhaint aiste: muna bhfuilir ag baint aon earraidheachta aiste i ngnóth éigin. Gheobhair áis éigin ded chuid airgid níos feárr ná é do chaitheamh ar mhilseáin: gnóth éigin, caitheamh. Áis d'iascaire seadh scian: gan scian is deacair do a ghnóth do dhéanamh. Cad é an áis do a chlann nár thug cabhair ná cóngamh riamh do? maitheas, tairbhe. Is mó de cheataighe ná d'áis drochghlas ar dhoras: gan aon mhaith. Cá h-áis dom bheith ag obair, ní bhíonn faic as mo shaothar: cá tairbhe. Ceal áise dhom gur fhágas mo

chuid féir fén spéir: ceal áite go gcuirfinn é. Is iomdha áis do dheineas dho agus budh bheag é a bhuidheachas orm: is iomdha teachtaireacht, maitheas, bail nó a lithéid.

aisce: *b.3.* bronntanas, féirín, tabharthas, impidhe, lorg. "Cad thugais ar an gcasóig sin?" – "faic, aisce seadh í": fuaireas gan aon díolaidheacht í ó dhuine éigin. Táim buidheach de Dhia, is iomdha aisce thug sé dhom, sláinte, slighe bheatha, foidhne: tabharthas, grásta. Deirim leat nách in aisce fuair sé an chulaith bhreágh éadaigh sin: gan díol go daor aiste. Chailleas mo sparán, chuarduigheas gach aon áit de, lorg in aisce a bhí agam: níor éirigh liom é d'fhagháil. Ag tnúth le rud éigin a bhí sé, budh bhreágh an fear aige agus budh mhaith ach moladh in aisce dho dob eadh: ní bhfuair sé faic dá bhárr. "Ní fheadar an eiteóchadh sé me dá n-iarrainn a scáthadán air?" – "bíodh a thásdáil in aisce agat": ní bhainfear aon díolaidheacht díot as é d'iarraidh air. Budh mhór é scleóndar na mbocht nuair fuaireadar feóil a's bainne in aisce: saor ó íoc. Gidheadh go raibh seisear mac leis an mbaintreabhaigh san arm cheana féin, ní thabharfadh Lioncain a h-aisce dhi an seachtmhadh mac do scaoileadh ón arm: a h-iarratas. Dob éigean don riaghaltas aiscidhe do thabhairt dos na feirmeóiridhibh nuair thuit luach an stuic trí chogadh an fhearachais: bronntanaisidhe chun a dtacaidheachta. Fuaireas na bróga maithe so ar deich scillinge, bróga in aisce iad, dar liom-sa: anshaor ar fad, ar fad.

aisceadh: *f.* (*-cthe*) cuardach, lorg, méaráil. Caithfear na leabhartha so d'aisceadh, na cinn mhaithe do chur ar leathtaoibh ós na ceannaibh gan mhaith: do chuardach. Bí ag aisceadh na móna: ag deighilt na bhfód fliuch ós na fódaibh trioma. Seanbhean ghránda a chaitheadh an lá cois claidhe ag aisceadh a cinn: ag cuardach a cinn lé n-a méireannaibh. Ní maith liom an peictiúr in ao'chor mar taisbeántar ann saighdiúiridhe ag aisceadh a gcoda éadaigh: ag cuardach mhíol a's sneádha.

aisceadh: *f.* (*-cthe*) lorg, impidhe, cuardach, iarratas. "Tá aon aisceadh amháin le h-iarraidh agam sara gcuirtear chun báis me", ars an fear daortha, "go leigtí dhom inghin teacht ar mo thuairisc." "Sin aisceadh a gheóbhair" ars an breitheamh. Dá mbeithteá ag aisceadh airgid orm go dtuiteadh an tón as an saoghal ní bhfaghfá pingin uaim: ag iarraidh airgid. Ghaibheadh mórán lucht aiscthe déirce ag gabháil tímcheall aimsir na gorta: ag lorg rud le n-itheadh.

aiscim: *b.a.* tugaim ar ais, cúitighim. "Go n-aiscidh Dia do chiall chughat táir ag imtheacht gan aon splannc mheabhrach": go dtugaidh Dia do chiall ar ais duit. Aiscfead anois leat, agus is mithid é d'aisceadh, an chabhair do thugais dom fadó: cúiteóchad leat, tabharfad luach do shaothair duit. Níor aisceadh riamh na mainistridhe do leag an t-arm: níor tógadh cinn n-a n-ionad. Pé duine a ghoid coróin uaim uair amháin d'áisc sé í nuair chuir caoga stampa pingne chugham: chúitigh sé liom é.

áise: *b.4.* an rud is leat féin. "Is fearr áise na sratharach 'ná iasacht na h-iallaite" – seanfhocal. Is feárr dho duine rud do bheith aige féin, dá olcas é 'ná bheith ag brath ar a chomharsain chun a atharrach do thabhairt do le linn gáidh.

áiseach: *a.* caothamhail, úsáideach, soláimhe. Cuir an dubhach annsan, áiseach duit: caothamhail, in áit gur furaiste dhuit a shroichstint. Ainmhidhe áiseach d'fheirmeoir

seadh madra: tairbheach, maitheasach. Cómh-áiseach peann agus dubhach chun leitreach do scríobh: ceann aca chómh riachtanach leis an gceann eile. Rud áiseach do gharsún scoile rothar: deineann sé mórán maitheasa do. Dá mbeadh an t-airgead áiseach do cheannóchainn leabhar tearc sa chairt a thaithnigh liom: dá mbeadh an t-airgead oireamhnach nó soláimhe agam ar an uain.

áiseacht: *b.3.* caothamhlacht, earraidheacht, arán. Is mór an áiseacht do dhaoinibh tuaithe na h-iolcharbaid bheith ag dul go gach baile: tugaid cao dhóibh ar áiteanna do shroichsteamhaint nárbh fhéidir gan iad. Chun t'áiseacht féin do chuiris an solas'on tigh: chun do thairbhe, do bhaile. Áiseacht do leanbhaidhibh scoile, maidir lé Gaedhilg seadh an craolachán do bhunughadh i ngach scoil, cloisfid an blas ceart: maitheas. Is áiseacht duit an t-uaireadóir bheith fén adhairt sa leabaidh agat: ní gádh dhuit éirghe chun é d'fhagháil.

aiseag: *f.3.* úirleacan, an caitheamh amach, déistin, masmus, gráin; cúiteamh; aithíocaidheacht. B'é an chéad lá riamh ar muir aige é, bhreóidhthigh sé agus chrom ar aiseag: an biadh do chaitheamh aniar as a ghoile. D'úirlic sé an oiread nách bhfeaca aiseag mar é riamh: an méid do chaith sé as a ghoile. Chuirfeadh an chainnt neamhbhanamhail a bhí aige ag aiseag duine: déistin, casadh aigne ort. Tabharfaidh an deoch bhríoghmhar so aiseag id shláinte dhuit: aithbheodhachtaint do shláinte. Is náireach duit tarcuisne do thabhairt do mhnaoi, m'aiseag thu! cuirir gráin orm. Cathain dhéanfair aiseag ar na fiachaibh atá agam ort? cathain d'íocfair iad nó dhéanfair íocaidheacht éigin ionta? Ní fuláir nó tá aiseag déanta n-a pheacaidhibh aige agus a bhfuil fuilngthe aige i luigheachán dhá bhliadhan: cúiteamh. An bhfaighead aon aiseag ar an dá bhliadhain do bhíos i gcarcar? aon íocaidheacht, cúiteachas, díolaidheacht as an méid d'fhuilingeas.

aiseagaim: *b.a.* tugaim ar ais, úirlicim. D'aiseag sé an sparán a fuair sé amugha don té gur leis é: thug ar ais do é. Tháinig taom oban orm, d'aiseagas a raibh im ghoile: chaitheas amach an biadh.

aisealbhaim: *b.a.* gheibhim nó glacaim seilbh an athuair i rud. Caitheadh amach an seantreabh as a gcuid talmhan ach d'fhill clann a gclainne ón Oileán Úr agus d'aisealbhadar an áit: chuadar isteach ann. Dá mhinicighe chuirfeá préacháin as ghort coirce d'aisealbhóchaidís é: thiocfaidís airís ag priocadh an ghráine ann.

áiseamhail: *a.* caothamhail, soláimhe, tairbheach, soshroichte, umhal. Nách áiseamhail bhí a dhorn aige gur bhuail sé thu gan chúis: éascaidh. Dob áiseamhla liom dul go h-Áth Cliath ar an dtraen ná i ngluaisteán: dob oireamhnaighe, budh lugha ciotaighe, is fearr do réidhtigh sé lém ghnóth. Má thagann sé áiseamhail ort nuair beir sa bhaile mór beir chugham mo chasóg a dhearmhadas ann: má bhíonn deis agat air. Cuir in áit áiseamhail an eochair sin nách mbeidh orm bheith ghá lorg: áit chomhgarach ná beidh duadh í d'fhagháil. Dob áiseamhla na leabhartha do bheith ar shiolpa 'ná sa chófra: budh soshroichte iad. Is áiseamhla cor-each i gceanntar cnocach 'ná capall: is oireamhnaighe don saghas san talmhan. Ní bheadh sé chómh h-áiseamhail sin do dhuine a's go gcaithfeadh sé an leitir 'on phost ar an slighe dho: cómhmaitheasach. Siopadóir áiseamhail seadh é, ní eitigheann sé cáirde ar aonne: tugann sé ar iasacht. Is áiseamhla

bád beag i gcuan 'ná bád mór: is fusa í d'iondrabháil agus dá chionn san is tairbhighe é. Níor shroich sé bliadhanta áiseamhla fós: níl sé aosta a dhóthain chun bheith tairbheach dá mhuinntir. "Nách áiseamhail ataoi!" deirtear go seanbhlastamhail lé duine a dheineas rud nách dteastuigheann ó aonne. Rud áiseamhail seadh scian: is iomdha gnóth deintear léi.

áiseamhlacht: *b.3.* caothamhlacht, soshroichteacht; tairbhe, arán, caothamhlacht, cómhgar. Mothuighim áiseamhlacht an chláir duibh uaim ag múineadh na leanbh so: tairbhe, a fheabhas chun cabhartha liom. Dhéanfadh an post aon teachtaireacht lé n-a áiseamhlacht: gnóth nó maitheas do dhéanamh dhuit tar do cheann. Inneal iongtach lé h-áiseamhlacht é, gearrann sé agus buaileann sé arbhar: tairbheach. Ní fheaca aon scian lé h-áiseamhlacht mar í, dhá lannsa innte, bis agus oireamhaint chun rud do bhaint as chrúb capaill: scian gur fearrde dhuine í do bheith aige. Mara mbeadh áiseamhlacht an tsiopa mo mhóide dhuit nách dtógfainn luach pingne ann mar nách dtaithnigheann an siopadóir liom: a ghiorracht dom. Ní scarfaidís leis an mbuachaill ar aon nidh lé n-a áiseamhlacht: ullamh, umhal ar gach aon rud do dhéanamh.

aiseirghe: *f.* (*-ghthe*) eirghe airís, eirghe ó mharbhaíbh. Do dhoirchigh an spéir ar aiseirghe ár Slánuightheóra: ar eirghe as an bhfeart do. Leagadh fiche uair é, ar aiseirghe dho baintí na cosa uaidh: níor thúisce n-a shuidhe gach uair é, ná leagtí é. Is suaidhte brónach an lá é lá an aiseirghe: an lá eireóchaidh na mairbh as uaigh. Tá Éire ag aiseirghe tréis a suain fada: aithbheódhachtaint.

aiseirighim: *b. n-a.* eirighim an athuair, aithbheódhaim. D'aiseirigh an Slánuightheóir an tréas lá ó mharbhaíbh: d'aithbheódhuigh Sé, tháinig Sé aníos as an uaigh. Aiseireóchaidh Éire go h-iomlán lá éigin: beidh sí saor, neamhspleádhach.

aisling: *b.2.* fís, rud éigin a cídhtear i dtaidhreamh, fuath, aiste fhilidheachta, ag ríomh taidhbhse. Im aisling airéir...trím néal do dhearcas-sa ainnir: im thaidhreamh codlata. Aisling Eóin: na nidhthe foillsigheadh do. Aisling Mhirlíneó: na nidhthe foillsigheadh do agus é ag taidhreamh. Chonnaic sé Éire in aisling: tháinig sí i gcruth mná eile chuige lé teachtaireacht éigin don sluagh.

aislingim: *b.a.* taidhrighim. D'aislingeas go raibh na spéartha thoir mar fhuinneóga móra in eaglais agus cosamhlachta naomh ortha: teasbáineadh dom i dtaidhreamh. Aislingeann sé na nidhthe is iongtaighe ionsmaointe: ceapann sé n-a shaoiltin nó n-a shamhlaidheacht é. D'aisling Eoghan Ruadh Éire go minic: chruthuigh sé Éire n-a ríogain áluinn bhrónaigh nó n-a maighdin scléipigh nó a lithéid.

aislingtheach: *f.1.* duine tugtha do thaidhreamh, a bhíos ag smaoineamh ar nidhthe áirdinntineacha. Aislingeach dob eadh Eoghan Ruadh Ó Súilleabháin, ag ceapadh nidhthe neamhdhearbha d'Éirinn, d'iarraidh na spiride do chongbháil beó. Tugtí aislingtheach ar an bPiarsach toisc go raibh sé deimhnightheach go mbeadh Éire saor ar uain ná raibh mórán spiride soiléir: fear go raibh smaointe fadradharcacha aige. Aislingthigh Eimit, Teón, srl.

aislingtheach: *a.* tugtha do thaidhthrimhthibh, do smaointibh neamhthalamhaidhe. Caithim mo shaoghal go h-aislingtheach: ag cuimhneamh sag taidhreamh ar nidhthibh áilne, aoibhne. Múscail as na smaointibh aislingtheacha so: bí ag cuimhneamh ar rud éigin tairbheach, talmhaidhe.

aiste: *b.4.* tráchtas, uige, cur le chéile cainnte, meadar dáin; stáid, solaoid, dréacht, can. Do scrígh sé aiste ar iascaireacht, ag cur síos ar bhéasaibh an éisc agus an tslighe is fearr chun beartha air: ceapadóireacht. Chuala aiste airéir ar an gcraolachán ar chaoiribh na Gaillimhe: trácht ar a ndúthchas, a n-airidheanna, a gclódh, etc. Connus atá an scoil anois, aon fheabhas uirthe? níl, ar an aiste chéadna i gcómhnaidhe: ar an stáid chéadna, sa chan chéadna. Cúmfad aiste ort má chuirir fearg orm: aor, dán cáinte. Arán táidhte agus té an aiste bhídh atá air: an riar bídh do gheibheann sé. Níl ann ach aiste bheith ghod chiapadh: cleasaidheacht, greannmhaireacht.

aisteach: *a.* ait, deisbhéalach, cliste, corr; buileamhail. Is aisteach an duine thu chun scéal d'innsint, cuirir ag gáiridhe me: greannmhar, seódhamhail. Slighe aisteach chun aráin do bheirbhiughadh é do chur i gcorcán: slighe gan deallramh. Sin é an scéal is aistighe dá gcuala riamh: cuireann sé iongadh agus aoibhneas orm: glic, cliste, deighinnste. Is aisteach an scéal é triúr agaibh d'fhearaibh láidre bheith ag marcaidheacht ar asal bheag, lag: rud is deacair do thuigsint. Ainmhidhe aisteach nách bhfeacthas a lithéid roimhe sin.

aisteacht: *b.3.* áilteóireacht, seódh, greannmhaireacht, soilbhreacht. Gháireas ó thalamh le h-aisteacht an aisteóra, an rinnce, na geáitsidhe a's na gothaidhe neamhghnáth: greannmhaireacht. Lé h-aisteacht a labhrann sé chómh borb san lé n-a mhnaoi: áilteóireacht, seódh, níl i ndáiríribh. Rinnce, amhráin, ólachán a's biadh againn, chaitheamair an-oidhche le h-aisteacht: greann a's scléip. Ní fheadar cad is ceart dom do chreideamhaint uait, cuir uaim an aisteacht: an greann san cleithmhagadh: cleasaidheacht.

aisteamhlacht: *b.3.* aiteas, meidhreacht, sultmhaireacht, magamhlacht. Faid bhí an scéal ar siubhal aige níor stad an lucht éisteachta de gháiridhibh lé n-a aisteamhlacht: sultmhaireacht, cúis gháiridhe i ngach pioc de. In ionad suilt do chur air is amhlaidh do chuir m'eachtra buile air, níor thuig sé aisteamhlacht an scéil: an mheidhreacht mhagamhail a bhí ann. Aisteamhlacht a chuid scríobhnóireachta a bhuaidh an oiread léightheóiridhe do: clisteacht suilt.

aistear: *f.1.* turus; slighe mhórthímcheall, neamhchómhgarach, turus in aisce. Dá mbein ag dul go Corcaigh ó Áth Cliath dob aistear dom gabháil trí Luimneach: achar as an mbóthar díreach. Ní chuirfeadh an duine leithleachais sin aon aistear air féin: ní raigheadh sé as a shlighe: ní chuirfeadh sé a luighead duaidh air féin chun maitheasa aonne. Chuireas aistear orm féin dul ag triall ar fhear ná raibh rómham: turus gan toradh. Turas in aistear a bhí agam dul ag lorg airgid 'on bhannc gan urra: turus gan tairbhe. Ní h-aistear teacht 'on tigh seo aon uair: bíonn rud éigin dá bharr agat. Caitheamh in aistear seadh bheith ag lámhach le grán ar rón: in aisce, gan mhaitheas. Cion in aistear duit bheith i ngrádh le Máire, ní phósfaidh sí choidhche thu: cion gan tairbhe. Tháinig sé ag lorg iasachta orm, ach leigeas uaim in aistear é: gan rud ar bith do thabhairt do. "Tigh i

mbéal bóthair ní h-aistear é ach cómhgar": ní miste dho dhuine cuairt do thabhairt ar thigh ar thaobh bóthair. Bhí an bhean in aistear ráithe: torrach.

aistearach: *a.* neamhchómhgarach, faidthaisdealach, neamhchaothamhail. Bíonn turus an-aistearach, chúig mhíle, air chun oibre: turas fada a chuireas duadh air. Oileán ró-aistearach seadh Oileán Árann san nGeimhreadh chun cuairde: ró-fhada ón míntír. Is aistearach leis siubhal chun teampaill agus an t-aos mór atá aige: is fada deacrach leis é. Duine neamhshainnteamhail chun an tsaoghail seadh é, níorbh aistearach leis lá oibre do thabhairt duit: níor chuir siar air féin leis é. Beatha aistearach seadh beatha an phuist: beatha mhórshiubhalach. Is aistearaighe do dhuine gnóth d'fhágaint tar oidhche ná a dhéanamh ist oidhche: is neamhchaothamhla.

aisteóir: *f.3.* duine a thaithigheas caitheamh aimsire do dhéanamh do dhaoinibh eile le cleasaidheacht, geámaidhe a's geáitsidhe. Chuirfeadh sé na clocha glasa ag gáiridhe, an t-aisteóir lé n-a chuid cleas, féach na cumaidhe chuireann sé air féin: fear grinn a's suilt. Ná creid aon fhocal ón aisteóir sin, ní bhíonn sé choidhche i ndáiríribh, ag leigeant air do bhíonn sé. Aisteóiridhe maithe i gcluiche, cuirid na clódhanna daoine a bhíos dhá léiriughadh aca go soiléir os chómhair ár súl: na daoine ar árdán a ghabhas ortha féin na clódhanna san d'fhoillsiughadh mar bhíd n-a ngnáthbheatha shaoghalta.

aisteóireacht: *b.3.* cleasaidheacht, geámaidheacht. Rinnis aisteóireacht mhaith ar chlódh an tsagairt: rinnis aithris chómh maith san ar an slighe bheadh sagart n-a bheatha shaoghalta gur dhóigh lé duine gur shagart thu. Uain níos sultmhaire níor chaitheas riamh ag faire air ag aisteóireacht ar an bhfear so agus ar an bhfear úd: ag déanamh aithrise ortha, ag labhairt díreach mar iad, ag cur a gcumaidhe air féin gur dhóigh leat gurb iad a bhí i láthair. Deir sé nách bhféadfadh choidhche an ghloine sin d'ól - ná bac é, is é d'fhéadfadh agus a dhéanfaidh, ag aisteóireacht atá sé: ag leigeant air. Aisteóireacht aindeis: droch-aithiris.

aistidheacht: *b.3. feic* **aisteacht**. Cheannuigheas an bréagán so don leanbh, féach a aistidheacht - gluaisteán beag a ghluaiseas ar séirse ar bhilleóig an bhúird go dtagann dtín faobhar agus annsan a chasas, mar dhéanfadh rud go mbeadh anam ann, ar eagla tuiteam. Aistidheacht an duine do chuir amugha mé, níorbh eól dom ó n-a chuid cainnte ná ó n-a ghníomharthaibh cad bheadh fé do dhéanamh: a neamhghnáidheacht, a chorracht, a dheórantacht gnímh.

aistreán: *f.1.* aistriughadh ó h-áit go h-áit eile, imirce. Ó ló go ló bítear ag glanadh béal an chuain toisc na gainimhe aistreáin a bhailigheas ann: gainnimh a bhíos ag síorchorruighe. Éan aistreáin seadh an chuach: éan ná fanann againn ach seal den bhliadhain. Aistreán fada go raibh ar an mbitheamhnach a ghoid mo sparán: i bhfad ó bhaile go n-imthighidh sé gan filleadh.

aistreánach: *f.1.* duine, ainmhidhe nó éan ná fanann san áit chéadna i gcómhnaidhe. Ní aistreánach an lon dubh: ní imthigheann sé thar lear. Bíonn mórchuid aistreánach éan ar na Blascaodidhibh san Earrach, mar atá, an crosán, an fhorcha etc.: éanlaithe ó

thíorthaibh eile. Chaith sé seal san Afraic Theas, san Astráil, san Oileán Úr, i Sasana agus ins an bhFrainnc, aistreánach dob eadh riamh é: fear díothchómhnaidhtheach.

aistreánach: *a.* aistrightheach, iargcúlta, as an slighe. Áit aistreánach sa gheimhreadh seadh an t-oileán: is beag duine a thugas cuaird air. Tigh aistreánach seadh é, tógadh ró-fhada ón mbóthar rianta é: iargcúlta, deacair lé teacht air. Daoine aistreánacha seadh tinncéiridhe: siubhaltach, annso indiugh, annsúd ambáireach.

aistrighim: *b.a. 7 b. n-a.* atharruighim, tionntuighim, malartuighim (ionad etc.), cuirim in atharrach áite; gluaisim. Aistrigh an giota Gaedhilge seo go Frainncis: cuir san dteangain Frainncise, tionntuigh sa teangan sin é. Aistrigh an t-ualach as an ngualainn chlé: cuir uirthe é ón ngualainn dheis. Aistrigh thu féin, táir sa tslighe orm: téidhir in ionad éigin eile as an áit go bhfuilir. Ní raibh aonne den gcineadh ann leis na ciantaibh, d'aistrigheadar: d'imthigheadar go ball éigin. D'iarras air fiche uair teacht liom ar mhaithe leis féin, ach cos leis ní aistreóchadh sé: ní chorróchadh sé chun teacht liom. Nách báidhteach an ghné atá air, d'aistrigh a dhath: tháinig malairt datha air. D'aistrigh an ghaoth: chrom sí ar shéideadh as malairt áirde. D'aistrigh a dath geal ar dhaoldhath: in ionad an datha ghil do bhí uirthe, tháinig dath ciardhubh uirthe. Aistreóchad fé dhéin mo thighe: raighead abhaile.

aistriughadh: (*-the*) (aistrighthe *u. iol.*) taisdealaidheacht, atharrughadh, malartughadh ionaid cómhnaidhthe, áite etc.; malartughadh poilitidheachta; tionntódh (teangan): rothaidhe, maingisínidhe. Aistriughadh fada i gcoisdheacht seadh é ó Thráighlí go Corcaigh: taisdeal mór. Andeas a bhí an ghaoth ach tréis aistrighthe dhi ó thuaidh seadh tháinig an stoirm: tréis dhulta ó thuaidh di. Dhearmhad sé a chuid aistrighthe sa traen: a mhaingisínidhe, nidhthe a bhíos ag teasdáil ó dhuine ar thurus do. Tigh bocht, dealbh atá aca gan puinn aistrighthe: gan mórán troscáin nó rothaidhe. Airgead na hÉireann a bhí agam agus ó nách bhfaighinn faic air in aon tsiopa dob éigean dom dul go bannc iomlaoide agus é d'aistriughadh in a airgead gallada. Budh ghnóthach, grithileánach an lá againn é an lá bhíomar ag aistriughadh: ag breith ár dtroscáin a's ár rothaidhe go tigh eile chun cómhnaidhthe. Budh mhór an t-aistriughadh do dhein muinntir na tíre lé linn an Chogaidh Mhóir nuair thugadar iad féin ar Shinn Féinidheacht: atharrughadh mór politidheachta.

ait: *a.* neamhchoitcheann, deóranta, greannmhar, sochómharuighthe mar gheall ar thréith éigin neamhghnáth, sultmhar, meidhreach. Is ait an saoghal é, an iomad airgid ag daoinibh as daoine eile dá cheal: saoghal greannmhar, dothuigse. "An rinncfeá leis an gcailín áluinn seo?" – "dob ait liom san": budh mhaith liom san. Is ait an gnóth d'aonne cur isteach ar chúram dhuine eile: mícheart. Scéal dob aite ná an long d'fhagháil i lár bóchna in aimsir bhreágh fé lán tseól gan dá fuireann innte ná rian achrainn ná tuairisc riamh ó shoin ortha ní h-aithrisítear i dtaobh na farraige: is dothuigse. "An íosfadh cat iasc?" – "b'ait leis sin": budh rí-bhreágh leis sin. "An dtabharfá dhá phúnt ar iasacht dom?" – "b'ait liom san, dob fhada buidhe thiar orm é": níl pioc dá fhonn orm. Níorbh aite liom aon rud 'ná an Cóta agus Séamas Beag do chlos ag agallamh ar an gcraolachán: níor shultmhaire liom aon rud 'ná iad. Dob fhada ait í sara ndeachaidh sí as a meabhair ar fad: mearbhallach n-a ceann. Dob ait liom cabhair do lorg ar dhuine gan aithne: níor

mhian liom é. Meón ait dhuit do cheann do shádhadh i ngach aon scéal a bhíos ar siubhal: slighe nách gnáthach ag furmhór na ndaoine. Itheann sé mórán feóla, is ait leis: taithnigheann san leis. Is ait liom tu: ní thaithnigheann do ghníomhartha liom. Rudaidhe aite a bhí ar siubhal aige, ag tógaint nidhthe nár leis, ag tabhairt faillighe n-a chuid oibre, ag cur geall ar chapallaibh, ag glacadh earraidhe fuaduighthe: gníomhartha colacha.

áit: *b.2.* ball áirighthe, ionad, ceanntar, roinnt talmhan, fághaltas. Cén áit go bhfeacaís cheana mé: cá? An áit chéadna sé fós, gan cor curtha d'aon rud: gan aon atharrughadh. Suidh im áit-se agus beir níos comhthromamhla: im ionadsa...níos seacaire. Cá bhfuil áit chómhnaidhthe agat sa chathair? cad é an ball den gcathair go gcuirir fút ann? Dá mbein-se it áit do raghainn abhaile: dá mise thusa. Is é seo áit na Gaedhilge: is ins an mball seo tá togha na Gaedhilge. Áit éisc dob eadh cósta Chiarraidhe sara dtáinig cochalóiridhe Shasana: b'iomadamhla iasc ann 'ná in ionadaibh eile. Chuadar ag rinnce in áit a chéile: duine ar dhuine i slighe na ndaoine a bhíodh ag eirghe as an rinnce. "Dá mbeadh Séamas annso anois déarfainn lé n-a phus nách bhfuil tor madra agam air", arsa Tomás. "Dá mbeadh sé annso", arsa Seán, "béal ciúin do bheadh agat". "Is maith an áit go rabhais, a Sheáin", arsa Mícheál: is tapaidh fírinneach an focal agat é. Áit gharbh chnuic furmhór a bhfuil aige: an leirg thalmhan atá aige. Níl an áit siar ó Thráighlí go Dún Chaoin ró-réidh: an ceanntar, an talamh. Níl aon áit dom mhéireannaibh i láimhnibh dórnála: bíd gan méaránaibh. Faigh áit éigin eile seachas an tigh seo: bí ag cur díot. In áit dul abhaile chun a thighe, is fearr leis tighthe na gcomharsan: in ionad. Cad é an áit atá id cheann indiugh, a sheachránaidhe? cá bhfuil do thriall? Níl sé ró-cháiréiseach, is cuma leis ach é féin do chaitheamh in áit éigin: cur fé in aon tsaghas baill nó ionaid. Cad é an áit atá ar an leitir seo? an seóladh. Chuaidh an snámhaidhe fé loch a's gach aon bhéic aige, is maith an áit go raibh Liam, léim sé isteach fé n-a chuid éadaigh a's uile agus thairng chun puirt é: budh thráthamhail do rinne sé a ghnóth. Ní de mhuinntir na h-áite na Gearaltaigh: ní h-ón gceanntar iad lé ceart.

aithbhe: *b.4.* trághadh na mara. Is deacair teacht isteach ón chuan ar an (dtaoide) aithbhe, bíonn sruth láidir trí n-a bhéal amach: casadh na taoide amach ar an bhfarraige. Ní raibh sé n-a aithbhe: ní raibh an taoide ag filleadh amach. In aithbhe idir an lag san lom bíonn an charraig báidhte in amharc: nuair bhíonn sé n-a thráigh ar fad ar fad. Níl aon bhraon aithbhe fós ann: tá sé n-a lán mara amach samach. Lé briseadh aithbhe tháinig breith ar an iasc: díreach beag agus é ag tosnughadh ar thrághadh. D'fhliuch an lá ar aithbhe na maidne: lé linn don uisce do bheith ag cúl ón dtalamh ar maidin. Ciúnóchaidh sé ar an sruthlam aithbhe tríd an mBealach Caol: aithbhe gharbh, fhuinneamhail: an taoide imtheachta.

aithbhean: *b.* (*aithmhná*) an dara bean nó céile, bean caithte fé thóin cártaidhe, bean scaoilte. Baintreabhach seadh é nách maith leis aithmhná: pósadh airís. Máire an chéad bhean, Cáit an aithbhean a bhí aige; an dara bean. Aithbhean seadh í gur imthigh a fear uaithe: bean thréigthe. Níl sé dlistinneach d'athmhnaoi dréir ár gcreideamh pósadh an athuair: bean a bhíos scartha ón-a céile.

aithbhearradh: *f.* (*aithbhearrtha*) an dara baint olna, gruaige nó féir. Tá caoire ann go mbíonn aithbhearradh ortha: go bhfásann olann chómh tapaidh sin ortha go mbaintear

díobh dhá uair sa bhliadhain í. Sid é an t-aithbhearradh síol féir ar an ngort san a mbliadhna: an dara brat síol féir. Aithbhearradh speile ar an ngort san id dhiaidh: bainte chómh dona san gur gádh gabháil chuige airís. Ná tabhair aithbhearradh deimhis ar an gcaoire sin: bearr chómh lom í a's nách gádh cur chúiche airís. Caithfear aithbhearradh do thabhairt ar do cheann, tá gead annso a's stuaic annsúd: bearradh airís. Fuaireas bearradh agus aithbhearradh uaidh lé n-a theangain: ní h-aon uair amháin ná dhá uair do thug sé aoide bhéil dom. Fásann féasóg chómh tiugh san orm go mbíonn aithbhearradh orm fén oidhche: fás eile.

aithbhearraim: *b.a.* bearraim airís. Aithbhearr tú féin, a bhuachaill, tá gobaidhe féasóige fós ort: tabhair fúithe airís.

aithbhéil: fic **aidhbhéil**

aithbhéim: *b.2.* frithbhuille, buille i gcoinnibh. Thug an saighdiúir béim cloidhimh do Mhuiris an Chipín a chuir ar a ghlúinibh é acht thug seisean aithbhéim uaidh a bhain an lámh ón righe de: buille ar bhuille. Budh dheacair a rádh ceaca budh dhíobhálaighe, béimeanna dhuine aca nó aithbhéimeanna an duine eile: na buillidhe tugtí thar n-ais.

aithbheó: *a.* beó airís, tugtha chun beatha. Tréis é do thógaint as an uisce bhí an dochtúir ag gabháil de dhá uair an chluig sara raibh sé aithbheó aige: go mbeadh a fhios agat go raibh anam a's anál ann. Níor mhór dúinn an teanga bheith aithbheó againn sara mb'fhéidir linn a mhaoidheamh go rabhamair saor i gceart: ar ais agus in earraidheacht.

aithbheó: *b.4.* aithbhreith, aithbheatha. Tá aithbheó na Gaedhilge in aoirde a láin anois: an t-aiseirghe. Chuaidh an fuacht ceangailte isteach go cnámh ionam gur shaoileas nách dtiocfadh an t-aithbheó im bhallaibh choidhche: an teas ceart. Ag dul in éag a bhí an teine gur chuireas scolb giumhaise a thug aithbheó di: a chuir deargadh innte. Fág marbh na scéalta atá imthighte, cúis achrainn iad d'aithbheó: do tharang chughainn airís. Buidheachas lé Dia go bhfuil déantúisidhe na h-Éireann ag aithbheó: ag teacht chúcha féin. Fuair a grádh dom bás a's ní tháinig aon aithbheó air: ní tháinig aon chion aice an athuair orm.

aithbheódhadh: *f.* (*aithbheódhaidhte*) aithbheódhachtain(t), aithbheódhughadh, aithbheó. Malairtidhe fuirmeach iad so ar aithbheó.

aithbheódhuighim: *b.a.* aiseagaim do bheatha, athnuadhaim; athadhnaim. D'aithbheódhuigh Dia Lasaras: thug sé chun beatha airís é. Táir ar deargchreathadh leis an bhfuacht, caith siar an beathuisce seo, aithbheódhóchaidh sé thu: cuirfidh anamamhlacht a's spionnadh ionat. Níl oiread a's spréidh sa teine, ní aithbheódhóchadh faic í ach oíle: ní chuirfeadh ar lasadh í. D'aithbheódhuigh a chuid óráideachta spirid na dúthamhlacht sa daoinibh: mhúscail as suan.

aithbhiseach: *f.1.* aithfheabhas, athfhás. Ní stadfaidh san de bhorradh tá aithbhiseach fé: curtha chun fáis nuair saoileadh go raibh deireadh aige. Tréis eirighthe dho tháinig

aithiompódh air agus ceapadh gur bh'é a bhás é ach tháinig aithbhiseach air: chuaidh sé i bhfeabhas an athuair.

aithbhliadhain: *b.3.* an dara bliadhain, an nuadhbhliadhain, an bhliadhain n-ár gcionn. "Aithbhliadhain shona áthasach chughainn", ar seisean oidhche Nodlag agus é ag tuairmiughadh sláinte na cuideachtan. D'fhágadh sé gach aon ghnóth i gcomhair na h-aithbhliadhna: i gcómhair na bliadhna n-a dhiaidh. Go mbeiridh an aithbhliadhain fé mhaise orainn: ar theacht don aithbhliadhain agus n-a rith go raibh an rath orainn. Ní h-í an bhliadhain chéadna do saoghaluigheadh sinn, tusa i mbliadhain an chogaidh agus mise an aithbhliadhain: an bhliadhain a bhí n-a diaidh.

aithbhreith: *b.* (*aithbheartha*) athshaoghalughadh, aithgheineamhaint, imirce anam, deallramh a's cosamhlacht ó dhúthchas. Is tú t'athair 'n-a aithbhreith: tá airidheanna agus clódh t'athar ort, d'aithneóchadh aonne thu go mbeadh aithne aige ar t'athair gan aonne ghá rádh gur tu a mhac. Dá ndeintí tú d'aithbhreith ní atharróchadh sé do dhroichshlighthe: dá dtagtá ar an saoghal airís budh thu an duine céadna. Sé an peictiúir seo tú it aithbhreith: do chuma, do dheallramh, do chlódh go cruinn air.

aithbhrisim: *b.a.* brisim airís. Briseadh an chos aige, chuir an dochtúir lé n-a chéile í ach bhí cor cam innte, d'aithbhris dochtúir eile í chun a dírighthe: bhris airís. Aithbhriseadh srón an dórnálaidhe chómh minic sin go bhfuil sí liucuighthe ar nós lice: briseadh airís agus airís eile. Rinneadar cleamhnas, do bhriseadar é, slánuigheadh é, d'aithbhriseadar é: bhriseadar airís é.

aithcheannach: *f.1.* ceannach an athuair, ceannach ó cheannuightheóir iomlaoid earraidhe. Nár mhór an t-éileamh a bhí ar an gcapall go ndearnadh aithcheannach air trí h-uaire in aon lá amháin: ceannuigheadh uaim-se é: ceannuigheadh óm cheannuightheóir-se agus cheannuigh fear eile uaidh sin é. Mo thuairm gur lia aithcheannach ar an ngluaisteán so dréir a chlóidh: gur minic díolta, ceannuighthe é. Trí aithcheannach an airgid do dhíol sé dhá phúnt as: ag malartughadh in airgead eile.

aithchim: *b.a.* impidhim, guidhim, iarraim go dúthrachtach. Aithchim ort, a Dhia, gan mo pheacaidhe d'agairt orm ach iad do mhaitheamh dom: guidhim óm chroidhe ort. Aithchim ar Mhuire a's ar Íosa go dtagaidh sé, Rí Séarlas, airís chugainn slán: deinimíd athchairt ar Dhia a's ar a mháthair: guidhimís amach ó chroidhe chúcha.

aithchimeach: *f.1.* iarrathóir. Thagadh na céadta aithchimeach chúcha ag impidhe ortha an cíos do lagughadh: lucht iarratais. Mara bhfuil fonn ceart air cabhradh linn ní bheinn aithchimeach air dá mé thu: ag lorg go h-umhal air.

aithchléireach: *f.1.* cléireach a bhí; sagart a thréigeas a ghairm. Aithchléireach seadh é anois, bhíodh sé ag déanamh cléarchais do mhuinntir Dhonnchadha: duine a bhí ach ná fuil n-a chléireach anois. Thréig sé sagartóireacht a's d'iompuigh n-a mhinistir, a's chaith a shaoghal n-a aithchléireach. Siopa an-mhór seadh é, tá fiche aithchléireach ag obair fén árdchléireach: cléirigh in ionadaibh níos ísle ná tá aige.

aithchré: *b.4.* an chré do cuirtear leis na gasaibh nuair bhíd ag éirghe aníos. Is mithid aithchré do chur ar na prátaidhibh: an dara cré. Níorbh fhiú aithchré iad: prátaidhe nó fáiseanna eile gan mhaith.

aithdhéanamh: *f.* (*aithdhéanta*) déanamh airís, déanamh ar mhalairt cuma. Féar tirim a dhóthain é chun a aithdhéanta: chun a chur i gcocaidhibh budh mhó. Sin casóg aithdhéanaimh, iompuigheadh an taobh istigh amach di: í do dhéanamh an athuair ar an gcuma san. In aithdhéanamh an tighe méaduigheadh agus feabhasuigheadh go mór é: nuair cuireadh malairt crota air. Cá maith bheith ghá chómhairleach, nách bhfeiceann sé féin a lochta agus a ndeasca, ní féidir é d'aithdhéanamh: d'fheabhasughadh. Leag an falla san agus tabhair aithdhéanamh níos leithne air: tóg é mar sin. "Bíonn an-iargcúltacht ort an aimsir seo, cad tá ag teacht ort?" - " táim ag aithdhéanamh mo bheatha agus is mithid é": ag caitheamh beatha níos ciúine.

aithdheimhnighim: *b.a.* foillsighim airís, dearbhuighim airís, geallaim airís. D'aithdheimhnigheas do gur sa taobh chlé do buaileadh mé sar ar chreid sé me, theasbáineas an chneadh do: d'fhoillsigheas do go soiléir. Aithdheimhnigh dom connus an cheist dheacair seo do réidhteach, ní raibh an iarracht san ró-léir dom: teasbáin airís dom. Aithdheimhnighim díbh gurb í mo thuairm láidir go mbeidh tamall fada ann sara mbuaidhidh an Iodáil má bhuadhann sí in ao'chor: suidhim lé hargóint láidir. Aithdheimhnigh don mbreallán san an áit go bhfaighidh sé a chuid bídh: cuir in iúil do gan mearbhall.

aithdheinim: *b.a.* deinim airís, cuirim athchlódh air, aitheagar, iompuighim in athchuma, mar éadach, móin, féar. Leag an ghaoth na stiocaidhe ach d'aithdheineas iad leis an ngealaigh: chuireas 'na seasamh fé sholas na gealaighe. An uile lá cuireann sé geall ar chapallaibh agus cailleann, ach ní thréigfeadh a mhian, ní aithdhéanfadh (aitéanfadh an fhoghraidheacht) an saoghal mór: ní atharróchadh faic a aigne. Bean bhaileach, ghasta a aithdheineas éadaighe dá chlainn seadh í: iompuigheann sí baill éadaigh lé duine aca agus deineann balcais mhaith dhe do dhuine is lugha dhíobh. Chaith an gabha an chrúdh do chur 'on teine bhí sí róchumhang, agus d'aithdhein sé oireamhnach í: dhein sé airís í i slighe go raibh sí mór a dóthain. Deineann sé agus aithdheineann sé an dán do léigheamh go dtí go mbíonn sé de ghlanmheabhair aige: léigheann go minic, minic é. Ná h-aithdhein do lámh do chur ar an iarann te nó is tinn duit: ná dein airís é. Bhuailis cheana me, aithdhein é, feicim: buail an athuair mé. Ní h-iontaoibh fear aithdhéanta: fear a iompuigheas ar fheabhas ó dhroichchleachtaibh. Tigh aithdhéanta: tigh atharruighthe ar fheabhas. Scaipeadh sinn don gcéad ionnsaidhe ón namhaid ach d'aithdheineamair agus ruagamair iad: thángamair i bhfóireamh a chéile airís.

aithdhingeadh: (*-ingthe*) athchur lé chéile go dlúth, athshádhadh láidir. Do bhí na soithighe ag leigeant uatha agus caitheadh an t-iasc d'aithdhingeadh i mbarailidhibh díonuisce: do dhlúthughadh le chéile lé h-aghaidh a n-onnmhaire. D'aithdhingeas mo ghlúin n-a choinnibh d'iarraidh é do chongbháil 'n-a sheasamh: do shádhas mo ghlúin go teann. Cá maith bheith ag aithdhingeadh na h-olna, ní raigheadh sí go léir 'on phaca choidhche: ag luighe go dlúth uirthe. Thána air agus é ag aithdhingeadh cinn an leinbh i gcoinnibh an úrláir: ag luighe air, ghá bhogadh a's ag luighe air airís.

aithdhingim: *b.a.* dingim, dlúthuighim, "pacálaim" an athuair. Aithdhing an chos san sa tuaigh, tá sí ar bogadh: cuir isteach go daingean i gcúl na tuaighe í. Aithdhing an t-iasc so i soithighibh eile: cuir go dlúth, riartha ar a chéile é, oireamhnach lé cur ar thurus. Aithdhing thu féin i gcoinnibh an dorais, tá sé dhá chur isteach ag an ngála: druid go neartmhar n-a choinnibh.

aithdhíolaim: *b.a.* díolaim nó íocaim airís. Tugaim thar n-ais airgead a dhlighim. Chuir an giúistís iachall air labhairt go ndubhairt sé "aithdhíolfad an t-airgead do thógas as phóca an duine seo", tabharfad ar ais é. Nuair bhí an tigh ceannuighthe aige d'aithdhíol sé ar dhochar mhór é: dhíol sé féin airís é. D'aithdhíolas as na h-earraidhibh do thógas uaidh, chaitheas san mar ní bhfuaireas aon admháltas lém chuid airgid: dhíolas dhá uair asta.

aithe: *b.4.* cúiteamh, díoghaltas. Thug sé náire na h-aithe dhom, níor fhág sé ainm fén spéir nár thug sé orm: náire nimhneach.

aiteacht: *b.3.* neamhghnáthacht meóin, greannmhaireacht. Mara mbeadh go bhfuil aiteacht ag baint leat ní chuirfeá do chuid airgid i bpollaibh an fhalla: gné nó meón nó slighe nách gnáthach ag furmhór na ndaoine. Cuir uait an aiteacht agus ná bí ag cur fios ar dhochtúir in aghaidh an lae agus gan faic ort: eirigh as an slighe mhíchiallmhar seo. Tá aiteacht éigin ag baint leis an hata so indiugh ná luigheann sé i gceart ar mo chloigean: rud éigin neamhghnáthach leis. D'aithníos ar aiteacht an tighe, gach rud bunoscionn, ná raibh an líon tighe ag réidhteacht lé chéile: gné mhíriardha. Bhrisfeadh sé do chroidhe ar an árdán (fléige) lé n-a aiteacht ag amhrán, ag rinnce, ag gleáchas, ag cur cumaidhe air féin: na nidhthe iongháireamhla, ionshultmhara do dhein sé.

aithéadtrom: *a.* an-éadtrom, éascaidh, lúthmhar, aerach. Is aithéadtrom é cleite: is beag é a mheádhachtaint. Thug an girrfhiadh léim aithéadtrom go mullach an chlaidhe aoird: léim cheólmhar, éascaidh. Ní go h-aithéadtrom do ghluaisid géadhanna fiadhaine tríd an spéir: ní go seólta é. Ghníonn do chuideachta shultmhar aithéadtrom mo chroidhe: cuireann sí meidhir air. Duine aithéadtrom é nách gcuirfeadh iongadh orm cad dhéanfadh sé dá aiteacht: duine neamhshocair i gcéill.

áiteamh: *f.1.* argóint, diospóireacht, fínéacht, cruthughadh, do chur n-a luighe ar dhuine le h-argóint, cómhairle, tafanta locht. Mo thuairm ná daorfar é mar ná fuil aon áiteamh cruinn air, ní fheacaidh aonne ghá thógaint é agus ní bhfuairtheas aige é, cá bhfuil an t-áiteamh? an cruthughadh. Dá gcaithinn m'fhiacla ag áiteamh air gur árdach deich bpúint n-a thuarasdal sa leathbhliadhain ná fiche púnt sa mbliadhain ní ghéillfeadh sé dhom: d'iarraidh do chur n-a luighe air. San áiteamh dóibh ar an bpoblacht do bhruigheanadar: san argóint. Dubhart gurbh fheárrde an dúthaigh i ndeireadh na dála na ciseanna bliadhantamhla do chongbháil sa bhaile, dubhairt seisean gurbh é an bascadh is mó dá rug riamh orainn é, as san go ndeachamair chun áitimh lé n-a chéile: eisean agus mise ag luadh ár dtuairmidhe go láidir agus ag múchadh tuairmidhe a chéile. Áiteamh maith atá agat chun táille airm d'fhagháil agus gur throidis Seachtmhain na Cásca: ceart. Ná téidhir chun áitimh le h-aonne, muna dtagaid leat, tair leó: ná téidhir in achrann cainnte leó.

Sheasaimh sé an t-áiteamh n-a gcoinnibh go léir: níl aon argóint dár thagradar leis ná gur ionnsaidh sé chun a curtha ar neamhnidh. Muna bhfuil aon áiteamh eile agat chun a éilighthe ach gur chaillis peann díreach mar é seo, éirigh as: cruthughadh, cómhartha gur leat é. Áit mhór áitimh seadh an Dáil: bíonn gach dream aca d'iarraidh a chur n-a luighe ar a chéile gurb aca féin do bhíonn an ceart. Ní raighead ag áiteamh ort: ní raighead id choinnibh. Lucht áitimh seadh lucht politidheachta: bíonn fonn argóna ortha. Raigheadh sé ag áiteamh ar shagart na paróiste: do raigheadh chun argóna ar bheagchúis. Bhuaidh sé an bonn óir de dhruim áitimh: i dtaobh dearbhthachta a argóna.

áiteamh: *f.1.* cómhnaidhe, bunughadh, fagháltas. Cá bhfuilir ag áiteamh ó fhágais an Daingean? id chómhnaidhe. Sé an tigh seo m'áit áitimh-se: an áit go mairim ann. Áiteamh an-bhocht atá aige ann, chúig acra talmhan: fagháltas bocht.

aiteann: *f.1.* fás deilgneach, gan duilleóg, go mbláth bhuidhe. Aiteann gaolach: aiteann beag mion ná h-éirigheann árd ón dtalamh (aiteann gaedhealach). Aiteann gallda nó aiteann franncach: aiteann a fhásas an-árd, agus cos láidir, righin fé. Dealg aitinn, tor aitinn. Sa tseanaimsir dheineadh buachaillidhe tuaithe camáin des na cosaibh. Táim in aiteann: ciapuighthe.

aiteannach: *a.* lán d'aiteann. Cnoc aiteannach: cnoc go mórchuid aitinn.

aitheanta: *a.* aithnighthe, fios nó eolas do bheith air. Sara rabhas aitheanta air níor thaithnigh sé liom: sara raibh eólas agam air a's ar a mheón. Ní gádh sinn do chur in aithne dá chéile is fada aitheanta sinn: tá a fhios againn ainmeacha a chéile agus eólas ár slighthe againn. Fuaireadh corpán ar an sráid tréis na hoidhche, níorbh aitheanta d'aonne é: ní raibh a fhios cér bh'é féin, cér dhíobh é, ná aon tuairisc mar gheall air. Ná bíodh aon dochma ort dul chun cainnte leis, fear aitheanta seadh é: solabhartha.

aitheantacht: *b.3.* cómhairle, moladh. Ní gádh dhom aon tafant chun na h-áite do cheannach ach t'aitheantacht-sa: do mholadh-sa. Gan aitheantacht a h-athar ní phósfadh sí me: gan a chómhairle. Sé m'aitheantacht duit do dhroichshlighthe do thréigean: mo chómhairle agus mo mholadh dhuit.

aitheantamhail: *a.* aithne mhaith do bheith air, cur amach do bheith air, meastamhail ameasc daoine. Budh mhór é a shocraid agus budh bheag iongadh san mar b'aitheantamhail ameasc daoine é: aithne fhóirleathanadamhail agus meas dá réir air. Tigh Dháibhí Uí Bhroinn an tigh tábhairne is aitheantamhla in Áth Cliath: an tigh is mó go mbíonn bualadh an tsluaigh air agus is taithneamhaighe leo. Cad é an tigh peictiúiridhe is aitheantamhla sa chathair? is mó go mbíonn tuirleang na ndaoine air. Prátaidhe aitheantamhla dob eadh na Seaimpínidhe bliadhanta ó shoin: cuirtí mórchuid díobh agus bhítí ceanamhail ortha. Deirim leat gurb aitheantamhail an bhean Cáit, riamh roimhe sin ní raibh aon chainnt agam léi agus dob fhusa dhom a cainntiughadh 'ná duine a mbeadh conbharsáid agam leis lé fada: so-labhartha, sochonbharsáide; réidh lé cainnt leis.

aitheantas: *f.1.* eólas mar seo nó mar siúd ar dhuine nó ar rud; taithighe; nuadhacht, fios: cleachtadh; cómhairle; órdughadh lé h-ughdarás. Ar mo lucht aitheantais is tú is féile: ar áireamh (líon) na ndaoine go bhfuil a n-ainm 'sa mheón agam. Mhoilligh duine aitheantais me: duine go bhfuil a fhios agam cé hé. Ar mhaith leat go gcuirinn an cailín sin in aitheantas duit? go n-inneósfainn díbh araon cé h-é sibh féin. An ceódh an rud chun tú do chur as t'aitheantas: do chur amugha. Nuair thána chugham féin tréis na cinneamhna bhíos as m'aitheantas: ní raibh a fhios agam cad é an áit go rabhas. Do raighinn as m'aitheantas ameasc na sliabh san, áit gan taithighe agam air: raighinn amugha. D'imthigh mo dhreatháir as m'aitheantas fhaid a bhí sé thar lear, ní fheadar cér bh'é nuair bhuaileamair lé chéile: na cómharthaidhe a bhí im aigne n-a thaobh ní h-iad a bhí ar mo dhreatháir nuair chonnac é. Eireóchaidh leat níos fearr nuair raghair in aitheantas do ghnótha: nuair raghair i dtaithighe breis air. Cheal taithighe ar an gcathair chuadhas as m'aitheantas ameasc na sráideann: ar seachrán amugha. Stad anois, ní réidhteóchair ar an gcuma san an cheist, táir ag dul thar t'aitheantas: ag dul amugha cheal eólais. Tréis m'aitheantais air shaoileas nár mhisde dhom a chomhairleach: trí mhéid mo thaithighe is m'eolais air. Ní scríobhann sé riamh ach gheibhimíd aitheantas air ó dhaoinibh eile: nuadhacht. Thangthas, gan aon choinne agam leis, níor tugadh aon aitheantas dom go dtabharfí cuaird orm: fios. Is fearr beagán den ghaois ná mórán den aitheantas: cuir eólas ar mhórchuid (daoine) ach aithne ar bheagán (daoine).

aithearrach: *f.1.* atharughadh, malairt céile aon rud, rud in ionad. Dubhairt sé go gcuirfeadh sé aithearrach clóidh ar an oideachas dá ndeintí Aire dhe: clódh eile (a b'fhearr) ar an oideachas ná raibh air. Chailleas mo hata, caithfead a aithearrach d'fhagháil: hata n-a ionad. Tráth amháin budh shaidhbhir an bodach é, tá aithearrach scéil anois aige: bocht, dealbh, gan éirghe anáirde. An bhfuil a aithearrach so de sciain agat, ní dhéanfadh sí seo an gnóth? a malairt, ceann le cur n-a h-ionad. Aithearrach gaoithe do mhoilligh sinn ar theacht i dtalamh: atharrughadh gaoithe (in ár gcoinnibh). An uile lá bíonn lucht na poblachta ghá dhearbhadh go bhfuil aithearrach beartais ag Fianna Fáil: nách é an comhar céadna iompair atá aca anois chun na poblachta do ghnóthughadh agus d'fhógradar ó thúis? Taidhbhsigheadh dom deallramh maith do bheith ar an turus déidheanach do chonnac é munab é an t-aithearrach éadaigh do rinne é, níl amhras ná go raibh sé deaghghléasta: éadach nár ghnáth leis do bheith air. Mhalartuigheas feirm leis, ní dheaghas chun cinn, níl aon rud de bhárr an aithearraigh agam: ní feárrde me an fheirm atá agam. Cuir an bainne in aithearrach áruis, tá an crúsca san ag leigeant uaidh: cuir in árus éigin eile é.

aiteas: *f.1.* (**aiteacht**) seódh, sultmhaireacht, éadtromacht incheann. Bhaineamair aiteas an domhain as an gcéilidhe – rinnce, amhráin, aithriseóireacht, ceól, gleódh etc.: seódh a's sultmhaireacht. Cá mb'fáth gur tugadh biadh láidir don nduine a's é in éagcruas? tugadh, lé h-aiteas: ceal an mheabhair cheart do bheith ag an té a dhein é. Is aiteas suidhe ar an bhféar glas in aimsir fhlich: ceal tuigseana. Bhuail cuideachta aitis liom ar an sráid tréis meádhon oidhche: dream a bhí ag teacht ó shiamsa éigin. Ná bíodh aon aiteas ort go n-imtheóchaidh aon nidh ar bóiléagar ón nduine sin, ní indiugh na indé do rugadh é: ná bíodh aon mearbhall ort. Tháinig aiteas orm n-a thaobh, an oidhche ag imtheacht thar druim a's gan é ag teacht abhaile: faitchíos, imshníomh. Lé h-aiteas a's ól do chaith an

file a shaoghal: aoibhneas a's caitheamh aimsire. Do phógfainn féin mo stór lé h-aiteas: áthas mo chroidhe.

áitheas: *f.1.* buaidh, rud de bhárr. Obair gan áitheas dom bheith ag iascach ar an loch san: gan iasc. Connus atá ag éirghe leis an monchra nuadh brog? níl aon áitheas air: níl sé ag dul chun cinn. Saoghal gan áitheas d'fheirmeóiridhibh seadh é, tá seifteanna síos: níl sochar aca.

áitheasach: *a.* buadhmhar, buacach. Nodlaig áitheasach do shiopadóiridhibh, do dhíoladar amach a raibh aca: sochrach. Faic a mhaireas go gcuireann sé a lámh ann, éirigheann leis, duine áitheasach seadh é: téidheann sé chun cinn ann.

aiteasach: *a.* áthasach. Ceól níos aiteasaighe níor airigheas riamh a's mar a chuala fúm thíos sa ghleann i lár na h-oidhche: ceól aoibhin, suairc, croidhe-chorruightheach.

aitheasc: *f.1.* cómhairle, bagairt, léigheacht. Is mar a chéile dhom bheith ag aitheasc air luighe le scoil nó a rádh leis fanacht sa bhaile: bheith ghá chómhairleach. Is cuma san ná stríoc de bheith ag aitheasc air an t-ól do thréigean: bheith ag bagairt air. Beidh fuar ag an sagart bheith ag aitheasc na n-óg in aghaidh rinnce: ghá gcómhairleach a's ghá bhfógairt. Táim ghá aitheasc oraibh gan é bheith don diall oraibh dul ag snámh annsan, tá sruth, tá gainnimh súiric, ní fheadar cad nách bhfuil ann: ghá fhógairt oraibh fanamhaint uaidh mar áit. Ní h-iongadh gur imthigheadar chun an donais mar chlainn mar sin é aitheasc fuaireadar sa bhaile: níor fógradh dóibh riamh aire do thabhairt dóibh féin. A thúisce tháinig an t-Uachtarán ar an árdán do bhéic an sluagh d'athasc aoinfhir: d'aon ghuth. B'é aitheasc na bhfilidhe fuath do Shasana agus searc d'Éirinn: teachtaireacht nó múineadh na spiride.

aitheascaim: *b.a.* labhraim, cainntighim, fógraim, bagraim ar. D'aitheasc sé sinn ar phóit: chuir sé n-a luighe orainn an t-olc san anacra a thagas dá druim: labhair sé linn chun sinn do theagasc (do mhúineadh) ar ár leas. Domhnach ar Dhomhnach d'aitheascadh sé an pobal i gcoinnibh cúlchainnte: bhagradh sé ortha lé n-a olcas de bhéas agus chómhairligheadh dóibh gan a chleachtadh. Aitheascann an fear san gach uair dá mbuaileann liom a's níl aon aithne agam air: cainntigheann sé me. Ná h-aitheasc aonne ná h-éisteóchadh leat: ná fógair aonne ar olc nó ná cómhairligh é.

aitheirghe: *f.4.* éirghe airís, athuair. Scriosadh dá chuid ar fad é, dhein sé a shaidhbhreas airís agus ar aitheirghe dho bochtnuigheadh in aon ló é: ar bheith saidhbhir airís. Cúigear aca a bhí ag gabháil orm, ar aitheirghe dhom d'aithleagaidís me: a thúisce a's bhínn ar mo bhonnaibh. "Is feárr aitheirghe ná aththuiteam": is mór an chreideamhaint a bhíos ag dul don té a théidheas chun cinn dá mhinicidhe thuiteann sé. Ar aitheirghe dho ar bhárr uisce rugas ar stoth air gur shaoras: ar teacht aníos an dara h-uair (eile).

aitheirghim: *b. n-a.* éirighim airís. Tréis éirghthe ar dtúis dom ón slaghdán tháinig iompáil orm agus b'éigean dom luighe annsan, d'aitheirgheas róluath gur buaileadh airís me: d'éirigheas airís. Dá leagtá, féach céad uair é d'aitheireóchadh sé lé n-a neart: d'eireóchadh gach uair aca.

áiteóir: *f.3.* duine argóna, tagarthóir. Deirtí gurbh áiteóir maith i gcúirt Dómhnall Ó Conaill: fear a dhéanfadh argóint nó teasbánadh maith i dtacaidheacht éilimh dhuine in aghaidh duine. Ní túisce an focal as bhéal dhuine ná an t-áiteóir ar siubhal: an té go mbíonn in argóint aige tosnuigheann gan chúis. Mise áiteóir ar go raibh go dtáinig sé isteach mar is me d'oscail an doras dho: cruthuightheóir fírinneach.

áiteóireacht: *b.3.* argóinteacht, connstrabháil. Ag áiteóireacht do thugais do shaoghal, ná h-éisteófá lé duine go mbeadh a scéal innste aige: ag teacht treasna ar an té a bhíos ag cainnt. Ní bhein ag áiteóireacht ar aonne ná h-éisteóchadh lé fuaimeant: ag treasnghal, ag tabhairt freagartha ar chainnt gan deallramh.

aitheólas: *f.1.* eólas ar an áit bhunaidh, an áit a fágtar. D'imthigh sé ó n-a mhuirear a's budh dhóigh leat air ná fillfeadh choidhche, ach tháinig sé ar aitheólas: d'fhill sé ortha agus áthas air. Dá mhéid é t'fhuadar ag fágaint duit, tiocfair ar t'aitheólas: fillfir abhaile. Dhíol sé madra lé fear leathchéad míle ó bhaile, nár mhór an t-aitheólas filleadh ar an seanáit airís: eólas ar an slighe ar ais. Na géadhanna fiadhaine a bhíos annso sa gheimhreadh fillid ar a n-aitheólas san earrach: fillid ar a n-áit dhúthchais. Tiocfair ar t'aitheólas uait féin, creid me leis: tiocfaidh ciall duit lé taithighe.

aithghéar: *a.* an-ghéar, faobharamhail, garbh. Rásúr aithghéar a bhearr chómh lom san thu: rásúr go raibh faobhar nimhe innte. Níor mhaith liom bheith ar an bhfarraige, tá sí aithghéar: garbh, suaidhte, briste. Is aithghéire barra snáthaide ná barra bioráin: is caoile agus is gonta é. An té adeireadh go bhfeiceadh sé caora sé mhíle ó bhaile b'aithghéar é a radharc: iongtach.

aithgheárr: *a.* (*-ghiorra*) anghearr (anghearra), athchomair. D'imthigh sé thar lear agus ní raibh súil go ceann i bhfad leis, ach d'fhill sé go h-aithgheárr: go luath. Tá dhá bhóthar chun an Daingin, ceann aca treasna an Mháma, an ceann eile tímcheall Chinn Sléibhe; bóthar an Mháma an bealach aithgheárr: an tslighe is athchomaire. Fuaireas cúntas aithgheárr uaidh ar ar thuit amach do ar feadh na ndeich mbliadhain a bhí sé i bpríosún: cúntas cruinn i mbeagán focal. Nárbh aithghiorra dhom dul go Corcaigh ó Áth Cliath trí Dhurlas Éile ná trí Luimneach: níos giorra i bhfad.

aithgheárr: *f.3.* (*-ghiorra*) cómhgar, slighe gheárr, seal beag. Is eagal liom gurb aithgheárr duit an bás, is diallta lag an chuma atá ort: nách bhfuil sé ach seal beag uait. Ghaibh seisean an bóthar gnáth chun an tighe agus mise an t-aithgheárr trís na gortaibh a's shroicheas an triall roimis: an tslighe budh ghiorra. Tiocfair suas leis má luathuighir, is aithgheárr ó d'imthigh sé: tamaillín ó shoin. Ní raghainn n-a threis lém chuid éadaigh mar tháilliúir, tógann sé an t-aithgheárr chun a ghnótha: ní chuireann sé chuige go cúramach mar dhéanfadh táilliúir go mbeadh fé ball shlachtmhar do dhéanamh. Níor thaithnigh an áit leis agus chuir de in aithgheárr gach bealaigh: do sciúird leis gan moill ná aistear do chur air féin. Cad dheineamair air nár fhan sé againn ach aithgheárr aon uaire: moill bheag. Chuir sé aithgheárr ar an scéal nuair tuigeadh do nár thaithnigh sé lé h-aonne: chríochnuigh go tapaidh.

aithghearradh: *f.* (*-rrtha*) (*iol.* aithghearraidhe, aithghearraidheacha) an dara gearradh, gearradh airís, ciorrughadh. Chuir na tuilidhe troma gearraidheacha agus aithghearraidheacha sa bhóthar nách bhféadfá é do shiubhal anois: gearraidheacha treasna ar a chéile. Chaith an dochtúir aithghearradh do dhéanamh ar an gcneadh chun an othair do leigeant: í do ghearradh nó do lannsáil airís. Níor glanchoilleadh an bromach ar dtúis agus b'éigean é d'aithghearradh: é do choilleadh an athuair. Chonnac ag déanamh aithgheárrtha treasna sráide chugham é: ag teacht lom, díreach fém dhéin. Ní bhíonn aon aithghearradh aimsire aca fén dtuaith ach cártaidhe a's seanchaidheacht: caitheamh aimsire. Níor bh'aon díobháil aithghiorradh ar an bhfoclóir mór i gcóir na scol: do chur amach i leabhar nách mbeadh ann ach na focail riachtanacha.

aithghein: *b.2.* clódh, cómhartha, rud cosamhail, athnuadhachtaint, aithbhreith. An bhfeacaís aon bheirt is cosamhla lé chéile ná é féin agus a úncail? budh dhóigh leat gurbh é seo aithghein an fhir eile: aithbhreith, é n-a chrut aon. Níl aon aithghein ar a sheanathair ach é: is é é n-a chrut aon: an clódh céadna, an t-imtheacht céadna.

aithgheineamhain(t): *b.3.* (*-amhna*) athchruthughadh. Sin dálta céadna é dá ndeintí é d'aithgheineamhaint ní fhéadfí é d'atharrughadh: ar é do chruthughadh airís agus a bhreith. Aithgheineamhaint na cineadh: a fheabhasughadh.

aithgheinim: *b.a.* athchruthuighím. D'aithghein Musailíní na hIodálaigh: d'athbheódhuigh sé an spirid a bhí marbh ionta.

aithghiorrach: *a.* caothamhail, áiseamhail. Sín chugham an siúicre sin ó tá sé aithghiorrach duit: in aice, caothamhail. Nách aithghiorrach a gheibheann tú me chun friothálta ort: aiseamhail, in aice leis na rudaidhibh a theastuigheas uait.

aithghreas: *f.3.* babhta eile, uain eile, turus eile, filleadh ar obair nó ar iomarbháidh. Rinneamair greas rinnce agus nuair fuaireamair bualadh bos níor bhfhuláir dhúinn gan aithghreas do dhéanamh: dul ag rinnce airís. Uair an chluig an chéad ghreas spealadóireachta agam ar maidin, tréis sosa dheineas aithghreas ar feadh dhá uair an chluig: seal eile. Ní fhéadfí aithghreas an chluiche d'imirt leis an mbáistigh: an dara cuid. Dheineadh sé greas coisidheachta ar maidin agus aithghreas um thráthnóna: tamall eile siubhalóide. Níor bhuaidh aon taobh an cluiche beidh aithghreas aca chun a shocruighthe: tásdáil eile.

aithghreim: *f.3.* (*-ghreama*) ceangal an athuair, breith in athuair, blúire nó smut do bhaint as an athuair. D'imthigh an maide as láimh an fhir bháidhte, ach rug sé aithghreim air: cuir sé ceangal láimhe airís ann. Chuir sé a fhiacla sa bhallóig uair, dhá uair, do bhain greim agus aithghreim aiste: greim agus greim eile. D'imthigh an dubhán as chab an éisc ach chuaidh sé in aithghreim 'n-a earball: ceangailte. Ní greim a bhain an madra asam ach aithghreim: rug sé lé n-a fhiaclaibh an dara h-uair. Cuir aithghreim snáthaide sa chasóig sin, níl an scoilt dúnta agat: fuaigh lé h-aon tsádhadh amháin eile den snáthad. Níl ar an ndoras ach an laiste, cuir an samh air mar aithghreim: mar cheangal is daingne. Tréis na cneádha d'fhuaghadh don ndochtúir chaith sé aithghreim do chur innte mar d'oscail sí: an tsnáthad do chur tríd.

aithid: *b.2.* ainmhidhe beag mar cuil nó dairdéal: duine beag aingciseach. Ná suidh annsan, tá an áit lan d'aithididhibh: míoltóga beaga. Choidhche ní bheadh greann ná sult ionat ach tu it aithid bhig, ghránda: ruidín suarach, míoshásta. Ní fiú aithid é mar fhear: duine gan aon mhaith. Aithid fhir ná féadfá focal grinn do labhairt leis gan é d'éirghe chughat, ní maith liom é: feairín canncarach.

áitighim: *b.a. 7 n-a.* cómhnuighim ann, cuirim fúm; lonnuighim. I ndeireadh saoghail is i nDúnchaoin agus ní sa Daingean d'áitigh sé: do mhair sé. Ná h-áitigh annsan ar thaobh an chnuic, áit ró-scéirdeamhail seadh é: ná cuir fút chun cómhnaidhthe ann. Cá n-áitighir annso? cá mairir? Áitigheann sé fén dtuaith sa tsamhradh agus sa chathair sa gheimhreadh: lonnuigheann sé. D'áitigh mo mhuinntir an baile seo ar feadh dhá chéad bhliadhan: do shealbhuigheadar é. Tá fúm tigh do thógaint ach ní fheadar cá n-áiteóchad é: cá dtógfad é. Ar feadh trí lá bhí na coisidhthe ar iarraidh, nuair áitigheadh iad bhíodar préachta leis an bhfuacht: nuair fuairtheas.

áitighim: *b.a.* (áiteamh) áitimh, áitigh, deinim argóint ar, bunuighim, cruthuighim, iarraim d'atharrughadh lé hargóint. Is ceanndáine an bhean thu d'áiteófá "muc ar sagart": chuirfeá chun áitimh nó argóna le h-aonne ar aon rud. Áitigh air gan teacht dá mhéid fonn atá air, ar mhaithe leis féin: cuir n-a lughe air le cainnt chruthuighthigh gur fearr dho gan teacht. Na seiceanna a bhíos ag taisdealaidhthibh ó thír go tír áitightear go soiléir cé gur leis iad nuair fhoillsigheann siad a gcloichead agus a pheictiúir air: cruthuightear. D'áitimh sé orm teacht leis i gcoinnibh mo chos: d'iarr sé orm agus thug fáthanna dhom in aghaidh mo thola le dul gur ghéilleas. Ní Éireannaigh chearta a áiteóchadh gur cur siar ar an ndúthaigh an Ghaedhilg d'aithbheódhachtaint: daoine a dhéanfadh a ndícheall ar a shuidheamh a's do chruthughadh.

áitighthe: *a.r.* cruthuighthe, críochnuighthe, bunuighthe, deimhnighthe. Cainnteóir agus Éireannach áitighthe dob eadh an Peárnéalach: líomhtha chun a aigne do chur n-a luighe ar a lucht éisteachta, agus 'n-a fhear nárbh fhéidir le h-aonne a rádh ná raibh dílis, saotharach d'Éirinn. Bhíodh ceacht san tseancheathramha leabhar ar scoil a deireadh ná raibh aon scadáin dob áitighthe ná scadáin bhágha Átha Cliath: ná raibh aon scadáin do chuirfeadh an ball ortha. Garsún macánta dob eadh é ach do dhein bleaigeárd áitighthe dhe: bleaigeárd amach 'samach. Eachtra áitighthe seadh an Táin a's a gcuireann de lucht léighinn suim innte: scéal iongtach, clúiteach. File áitighthe dob eadh Piaras Firtéar: file críochnuighthe, líomhtha a chúm dánta ceólmhara, cliste. Daoine áitighthe ar fhéile seadh iad nách leigeann aonne folamh: fáilteamhla, oscailte.

áitightheóir: *f.3.* cómhnuightheóir, sealbhthóir; cruthuightheóir, bunuightheóir; aragónaidhe. Daoine beaga, miona, dubha, casfholtacha do fuaireamair mar áitightheóiridhe isteach i lár na dúthaighe: iad súd a chómhnuigh ann. Ní áitightheóir annso mise ach cuairdeóir: ní duine mé a chómhnuigheas annso. Do raigheadh an cúrsa níos measa liom a's an tslighe cúisigheadh me mara mbeadh áitightheóir maith dligheadóra do bheith agam: fear gurbh fhéidir leis an chúis do phléidhe go cliste, eólgaiseach. Cérbh é áitightheóir an tsiopa atá ag Tomás Ó Donnchadha? - a sheanathair:

an té a chuir ar bun é. Theich na h-áitightheóiridhe an tseachtmhain seo as a dtighthibh ag an dtuile: lucht cómhnaidhthe.

aithint: *b.2.* fios, eolas, cuma nó cómhartha a inneósfadh gur rud (duine, ainmhidhe) áirighthe é ó rud (duine, ainmhidhe) áirighthe, innsint. Bhítheas ag gabháil air de dhóirnibh is de bhataidhibh go raibh sé ó aithint: le féachaint air ní fhéadfadh fios bheith agat cérbh é. Cuireann an hata árd 'san chasóg earbaill ó aithint tu: ní bheadh a fhios ag aonne cé tu ionta san. Toisc a bhfaid san uisce chuaidh corpáin na ndaoine mbáidhte ó aithint: níorbh fhios ceaca seachas a chéile. Fiú amháin ag an máthair féin ní raibh aon aithint ó chéile ar an gcúpla, toisc a gcosamhlachta: ní fhéadfadh sí a dhearbhadh duine seachas an duine eile. Sé aithint a bhíodh ag na seandaoinibh ar thosnughadh an fhuachta, teacht na ngéadhanna fiadhaine: an cómhartha. "Dearc tríd an ngloine seo, féachaint an é sin an teachtaire" - "sé, tá aithint agam ar a shiubhal - coiscéimeanna móra, fada": cómhartha dearbhtha. Do scrios an aicíd gan aithint na céadta sar ar bh'féidir í do chosc: aicíd a chuaidh díobh do dhéanamh amach. Téidheann an scríobhnóireacht san dem aithint: níl aon chómhartha agam air go bhféadfainn a rádh gur le h-aon duine áirighthe é. Seachas rian do bheith treasna a chorráin tá aithint eile agam air - rian dóighte ó n-a uilinn go dtí n-a righe. "Cad é an aithint a bhí agat go raibh an cosnach ar meisce?" - "é do bheith ag tabhairt dhá thaobh an bhóthair isteach": an dearbhadh. Is furast aithint éagcruas: bíonn na cómharthaidhe go soiléir. D'atharruighis an oiread san le deich mbliadhna ná beadh aon aithint agam ort: ní bheadh a fhios agam gur tú bheadh ann.

aithiompáil: *b.3.* aithfhilleadh, athchasadh, iompódh airís. Is measa an aithiompáil ná an chéad bhabhta breóidhteachta: filleadh na breóidhteachta ó fhuinnéirghe. Ghaibh sé amach fán spéir róluath nuair bhraith sé feabhas, ach ambasa gur chaith sé luighe lé aithiompáil: é do thuiteam sa chlódh chéadna airís. Aithiompáil ar an dtigh dom ag triall ar an airgead a dhearmhadas a dheidheanuigh me: filleadh thar n-ais.

aithiompuighim: *b.a. 7 b. n-a.* iompuighim ar ais, fillim air. Aithiompóchaidh ar an nduine breóidhte má tugtar deocha láidre dho. Ag cailleamhaint dom ar feadh na hoidhche gur aithiompuigh an rath orm ar meádhon oidhche, as san gur bhuadhas a raibh ar an mbórd: tháinig an t-ádh ar ais. Dá mbein ag imirt go dtuiteadh na fiacla asam ní aithiompóchadh sí (an imirt) orm: ní bhuadhfainn aon chluiche. D'iompuighis na bairlínidhe? Sea, aithiompuigh iad mar nílid tirim fós: tabhair an taobh eile anáirde airís.

aithiompódh: (**aithiompiughadh**) (*-the*) Ar iompódh don mbád caitheadh i bhfarraige a raibh innte ach ar aithiompódh dhi, béal anáirde do strapaladar isteach innte. Lé h-aithiompódh na teangan d'éaluigh spirid nuadh ameasc na ndaoine: ar chasadh na teangan airís. In aithiompódh an airgid 'n-a airgead Franncach d'íocas dhá phingin fén bpúnt: atharrughadh. Tháinig aithiompódh sláinte air le linn an tsamhraidh: chuaidh feabhas ar a shláinte. Ar aithiompódh abhaile dhom ón mbaile mór fuaireas an doras briste: ar chasadh dom. Aithiompódh na dtonn ón bhfaill a árdaigheas amach na clocha: an casadh ar ais.

aithis: *b.2.* náire, táir; máchail chorpartha. Mo náire a's m'aithis é ná fáilteóchadh roim dhuine iasachta: tá déistin orm ag an rud atá déanta agat. Aithis seadh gan aonne do thabhairt marcaidheachta don mbacachán: ní h-onóir d'aonne d'fhág ar an mbóthar. Cad é

an chúis aithise atá agat? cad tá déanta as an slighe agat? cúis náire nó ceannfé ameasc daoine. D'iarraidh aithise do thabhairt dom ataoi lé mursantacht cainnte agus iomchar míomhúinte: droichmheas. "Náire a's aithis chughat", deirtear le duine nuair bhíonn gráin nó fuath agat. "Náire a's aithis chuige mar an beag a thug sé duit": lé sprionnlaitheacht a deirtear. "Ghlaoidh agus d'athghlaoidh a raibh láithreach ar dhigh ach oiread agus a bhéal do bhogadh ní dheárna sé" - "náire a's aithis chuige, sin é an crot atá air": léan air, mairg chuige d'aithneófá san air. Bean áluinn gan aithis chuirp seadh í: gan máchail ná rian gránda. Sé an aithis a bhí air go raibh fiarshúil aige: máchail nó rud éigin a bhaineas ó n-a dheallramh. Cuireadh mí príosúin uirthe i dtaobh aithis bhéil do thabhairt dá cómharsain: nidhthe míchearta do chur i leith dhuine eile, leasainmeacha do thabhairt ar dhuine.

aithiseach: *a.* náireach, drochthagarthach, inmhilleánuighthe. An bhfuil aon rud is aithisighe 'ná céadta mílte ubh, na céadta tonna prátaidhe, na céadta mílte buiséal cruithneachta, lán tighthe de chaifí dá chaitheamh do lat agus do chongbháil ós na daoinibh d'fhonn an luach do choimeád árd agus céadta mílte ag fagháil bháis ar fuaid an domhain: rud is náirighe, is mímheastamhla. Ná bí aithiseach, ag caitheamh tarcuisne ar do chomharsain, bí deighbhéasach: masluightheach i gcainnt. Is aithiseach an cúrsa é má leigimid d'aonne focal do rádh in aghaidh ár dtíre: nídh gan mheas againn orainn féin. Toisc ná ceannóchainn ón mangaire d'éirigh sé aithiseach: drochlabhartha, béalbhorb.

aithiseach: *f.1.* duine a thugas aoide ghránda béil ort. Ní measa an t-aithiseach mná san 'ná tú féin a chuireas suim n-a buirbe. Is deacair teacht ó theangain aithisigh: is furuiste léi cúis ghearáin a's tharcuisne d'fhagháil.

aithisim: *b.a.* tugaim drochchainnt do, tarcuisnighim, tugaim táir ar. Ná h-aithis aonne níl aonne saor ó lucht: ná tabhair drochchainnt d'aonne ar eagla go bhfaighfí cúis aithise ort. Má labhrair garg leis, aithiseóchaidh sé thu: béarfaidh sé cainnt bhorb, dhrochthagarthach. D'aithis Tadhg Ó h-Éalaithe an Peárnéalach le n-a theangain nimhnigh gan drochainm ná drochchair d'fhágaint gan cur n-a leith: mhasluigh sé a chlúdh go míomhacánta.

aithisiugadh: *f.* (*-ghithe*) do dhíochlúdh, do tharcuisniughadh; aoide bhéil. Cad éile é ach aithisiugadh bheith ghá rádh gur meisceóir, gadaidhe, bitheamhnach mé? ag tabhairt droichtheiste orm. Béal gan srian ná leigeann do cháil aonne ach ghá n-aithisiugadh: ghá dtarcuisniughadh a's ghá maisliughadh. Ní mór an t-aithisiugadh sprionnlóir do thabhairt ort - rud is eadh: míochlúdh, ainm mhícheart.

áitiughadh: *f.* (*-ighthe*) do chur fé in áit, do shealbhughadh, do chruthughadh, do bhunughadh: deimhniúghadh, fínéacht. Baile na nGall áitiughadh na nDanar in Iarthar Chiarraighe: áit chómhnaidhthe. Ní raibh aon áitiughadh aice go raibh a fear marbh ach nách bhfuair sí aon scéala uaidh leis na bliadhantaibh: cruthughadh nó deimhniughadh. Fiche bliadhain do chaitheadar ar áitiughadh sa bhfeirm sar ar cuireadh amach iad: i seilbh na feirmeach. Deacair a chreideamhaint go raibh an áit sin ar áitiughadh riamh agus a fhiadhaine: go raibh duine ag maireachtaint ann. Thóg sé tamall maith ag áitiughadh an tsiopa san: ghá bhunughadh. Cuirfear áitiughadh na cortha in iúil duit nuair dhearbhóchaidh triúr ceathrar gur tú chaith an piléar: deimhniughadh.

aithleagadh: *f.* (*-gtha*) tuiteam an dara h-uair. Bhain sé aithleagadh asam le buille eile sara rabhas ar mo chosaibh i gceart: leag sé airís me. An t-aithleagadh do ghoirtigh me: an leagadh in athuair. Locáiste, tuiteam luacha. Fuaireamair aithleagadh i gcíos an tighe: locáiste. Thairngeas coróin dó ar an iallait, ní bhfaighinn, agus d'iompuigheas chun imtheachta. "Fan, déanfad aithleagadh, tóg ar cheathair a's réal í": luigheadóchad an luach uair eile.

aithleagaim: *b.a.* leagaim airís, íslighim an luach an dara h-uair. Gheóbhfá éadach i bhfad níos saoire tréis na Nodlag, aithleagadh an luach chun an tsiopa do ghlanadh amach i gcómhair éadaigh an earraigh: saoirsigheadh é. Deineadh seó bóthair díom lá na gaoithe, aithleagadh mo hata dhíom ceithre uair leis an ngála: baineadh díom.

aithleighim: *b.a.* leighim an athuair. Bhuadhas bonn óir ar óráideacht, chuireas i ngeall é agus d'aithleaghadar san é agus rinneadh bonn airgid de: meileadh lé teas é. Táim aithleighte ag an dteine: lé teas na teine tá allus ag teacht liom go flúirseach. Bhronn sé uirthe fáinne d'ór aithleachta: ór a leigheadh an athuair agus do ghlanadh de gach uile mhianach.

aithleasuighim: *b.a.* feabhasuighim, ceartuighim, aithdhéinim: cuirim leasughadh (nó aoileach) an athuair ar thalamh. Níl aon talamh chómh maith lé talamh aithleasuighthe: talamh a bhíos leasuighthe ón mbliadhain roimhe sin. D'aithleasuigheadh na seandaoine talamh na bprátaidhe ón dtráigh: chuiridís feamnach ar an dtalamh sa tseanbhliadhain i gcóir na h-aithbhliadhna. "Imthigh, aithleasuigh do bheatha, ná peacuigh airís", ars an t-aspol leis an bpeacach: feabhasuigh do bheatha. D'aithleasuigh an gabha an soc agus anois, treabhann sé go maith: cuir sé cruaidh ar a bharr nó ar a eite a dhein níos géire é: chuir sé feabhas air. Sin iasc a caithfear amach muna n-aithleasuightear é: é do chur ar salann airís. Aithleasuightí iasc na hÉireann san Learpholl ar an slighe go dtín Oileán Úr: cuirtí salann agus picil airís air.

aithleasughadh: *f.* (*-ighthe*) maitheas, feabhas, ceartughadh airís, aoileach an athuair, salann do chur ar fheóil nó iasc an dara feacht. Beir an soc chun an ghabhann chun a aithleasuighthe, tá sé ró-mhaol anois: chun blúire nuadh do chur air - a bhárr nó a eite. Is minic do chuireann aithleasughadh an iomad gas ar phrátaidhibh: aoileach breise an bhliadhain roim ré. Ag aithleasughadh an éisc, deasc é, cuir an t-iasc suarach agus an t-iasc maith in áit leis féin: ag cur salainn airís air. Níor dhein na chúig bhliadhna do chaith sé i dtigh smachtuighthe aon aithleasughadh air, ní thúisce a bhí sé amuigh ná thosnuigh sé ag goid: feabhasughadh. I dtosach a shaoghail goid, fuadach, camasghal an t-aon rud gur thug sé é féin air, anois lé carthanacht a chaitheann sé an uile lá ameasc na mbocht a's na dtruaillighthe, nách é an t-aithleasughadh ar bheatha é? feabhasughadh.

aithléighim: *b.a.* léighim airís, an athuair, aithrisim, cleachtaim. Aithléigh an giota san dom, focal de níor thuigeas uait: léigh airís é. Léighim agus aithléighim filidheacht sara meabhruighim í: léighim go minic. D'aithléighfinn duit an dán úd da mbeadh eaga agam: léighfinn airís.

aithléigheamh: *f.1.* léigheamh an dara h-uair. Choingbheadh sé ag aithléigheamh na ndán sinn go dtí go mbeadh tinneas im shúilibh agus mearbhall im cheann aca: ag léigheamh airís agus airís eile.

aithlíonadh: *f.* (*-nta*) do líonadh air, ualluighim airís: d'at mar chneadh; tuile an athuair. Dubhairt sé leis an dtábharnóir na ciotaidhe d'aithlíonadh nuair bhíodar diúgtha: deoch do chur go bruach ionta airís. Ní maith an tuar an chneadh san do bheith ag aithlíonadh: at do bheith ag teacht innte airís. Sé an t-aithlíonadh a shíneas na póitiridhe fé lár: an síorlíonadh ar mbeith follamh dos na h-áraistidhibh. Ní ceal aithlíonta fear is mó tháinig leis an nGearmáin ach ceal bídh: an t-áireamh céadna do chur in ionad na marbh a's na ngoirtighthe. Chuaidh an ghluaisthrucail ar lár i gciseach sa bhóthar dob éigean é d'fhollamhughadh agus chaith an t-aithlíonadh seal fada orainn: na h-earraidhe do chur ar ais innte. Bhris an lamhnán, deisigheadh é agus deineadh a aithlíonadh: cuireadh gaoth ann. Ar an aithlíonadh do shnáimh an long: nuair tháinig an lán mara airís. Craosaire é ag imtheacht ó phroinnteach go proinnteach ghá aithlíonadh féin: ag itheadh breis agus a choisce. Cuir an t-aithlíonadh i gcómhnaidhe in ionad an follamhuighthe: nuair tógtar as is ceart rud do chur ar ais in ionad. Sid í trucail aithlíonta na h-oíle ag teacht chun oíle do chur sa taisce béilbhóthair: an trucail a thugas an oíle léi. Ní maith liom an t-athlíonadh san thiar orm (san áird thiar): an tulca, an bailiughadh trom scamall sa spéir mar bheadh roim dhuartan nó brat trom sneachtaidh. Aithlíonadh báistighe.

aithlíonaim: *b.a.* líonaim airís, ualluighim airís. Aithlíon an ghloine seo dhom, tá sí follamh agus tá tart orm: cuir leann suas go bruach innte. Aithlíonfaidh Éire de dhaoinibh airís toisc cosc na h-imirce agus breis oibre i ngach ball anois: beidh an dúthaigh níos daoinighe 'ná bhí. D'aithlíonfadh an abha airís leis an dtuile mara mbeadh gur glanadh go grineall í: suas go bruach.

aithmhéala: *f.4.* brón, aithreachas, croidhebhrughadh, cathughadh. Chuir bás an Pheárnéalaigh aithmhéala ar gach Éireannach dílis: brón a's briseadh croidhe. Is aithmhéala liom a chlos gur briseadh do chos: is oth liom, cuireann sé cathughadh. Níor bh'aithmhéala leis a chlos gur mhairbh a chipe saighdiúiridhe an uile bhráighe do thógadar: níor bh'aithreachas leis, níor chorruigh sé a chroidhe. Chuir a pheacaidhe an oiread san aithmhéala air gur thréig sé an saoghal a's go ndeachaidh isteach i mainistir: croidhebhrughadh agus fonn aithrighe.

aithmhéalach: *a.* aithrightheach, brónach, duairc, aithreasach. Maidean aithmhéalach tréis oidhche scléipighe: maidean bhreóidhte croidhechráidhte de dheascaibh an iomad rí–rá a's póite. B'aithmhéalach an lá d'Éirinn é nuair crochadh Céasmeint: brónach, duairc. Chaith sé an lá go h-aithmhéalach san eaglais lé h-úrnaighe: ag déanamh aithrighe a's cúitimh. Beir aithmhéalach má chuirir do lámh ar an gcairthe aibhle sin: beidh aithreachas ort (dóighfear tu). Cá tairbhe dhuit bheith aithmhéalach anois i dtaobh an tslighe do chaithis do chuid airgid? ní maitheas brón.

aithmhéaltas: *f.1.* aithreachas, brón. Beidh aithmhéaltas choidhche orm as na deich mbliadhnaibh do chaitheas san Oileán Úr: beidh aithreachas agus míoshástacht orm. Maith dom, tá aithmhéaltas orm nár scríobhas mar budh cheart dom: cathughadh fíor. Ní

imtheóchaidh a aithmhéaltas choidhche dhíom nár phósas Máire: aithreachas agus cathughadh: tinneas aigne.

aithne: *b.4.* coidreamh, fios nó eólas pearsanta. Níl aon aithne agam ar an gcailín sin: níl a fhios agam cé h-í: ní fhéadfainn innsint duit cad is ainm di ná aon rud mar gheall uirthe. Chuireas aithne ar Thomás Ó Cléirigh n-a shiopa féin i Sráid an Pheárnéalaigh: choidrigheas é, cuireadh i bhfios dom cér bhé féin, a ainm agus mar sin de. Ní bhfaighinn ar m'aithne fear chómh galánta: ar líon na ndaoine go léir gur fios dom cé h-iad. Is maith an aithne, ní fuláir, atá agat in Áth Cliath tréis na mbliadhanta go léir atá caithte agat ann: a fhios agat cé h-iad mórán daoine, agus fios nó eólas cár cheart duit gabháil innte. Tréis na cinneamhna chaith sé an oidhche san ósbuidéal gan aithne: dall ar cad a bhí n-a aigne féin agus ar an uile rud n-a thímcheall. Trí lá thug sé gan aithne gan úrlabhra: gan bheith in inmhe aon rud do thabhairt fé ndeara ná focal cainnte do chur as. Tháinig sé isteach an doras mar bheadh an nimh ar an aithne agus sinn ag cainnt air: ar an uain go raibh sé in ár smaointibh. Mar bheadh an nimh ar an aithne rith sé im aigne dul fé n-a bhrághaid agus cad bheadh ná é marbh rómham ar an mbóthar: cómhacht éigin draoidheachta ag suathadh m'aigne. Aithne na féile agus na carthanachta a bhí agamsa air: sin mar chonnac é, fial, carthanach. Dob fhada fairsing aithne air: bhí a fhios ges na sluaightibh air i gcómhgar 'si gcéin. Dá mb'í aithne an bhitheamhnaigh do bheadh air ní fhéadfá gan cion do bheith agat air: teist, cáil bitheamhnaigh. Ná bíodh muinghin agat as dhuine gan aithne: duine nách mbeadh eólas agat cad é an saghas é. "An bhfuil aithne agam air?" "tá, aithne thar na seacht n-aitheanntaibh": aithne shármhaith agus le fada. Cuireadh ó aithne na h-áite me: coisceadh orm teacht ann. D'imthigh an oiread aimsire agus gur imthigheamair as aithne a chéile: gur dhearmhadamair aon rud ag baint linn a bhéarfadh chun ár gcuimhnte a chéile. D'ól sé an oiread san ná raibh aithne a bheart aige ag dul amugha a's ag tabhairt dhá thaobh an bhóthair isteach: ní raibh aon mhotháilt aigne aige ar aon nidh a bhí dhá dhéanamh aige. Dá mbeadh aithne agat air leigfeá dho: dá mbeadh a fhios agat cad é an saghas (olc) atá ann. Cuir in aithne dá chéile me féin agus an cailín áluinn sin, led thoil: innis dom cé h-í agus innis di cé mé. Shaoileas go raibh seanaithne agam air, ach bhí dearmhad orm, ní chuirfinn ó m'aithne air, n-a leith go ndiúltóchadh sé aonne ar shuarachas: aithne an-mhaith. Dá mbeadh t'aithne agam thabharfainn mo rún duit: dá mbeadh oiread feasa agam id thaobh a's go dtuigfí dhom go rabhais iontaobha. Duine cúthail nárbh fhuraiste aithne do chur air dob eadh Árt Ó Gríobhtha: a choidreamh do dhéanamh, a mheón do nochtadh. "Sagart gan sainnt, ní bhfaighinn ar m'aithne": ameasc sagart mo choidrimh. Aithne gan choidreamh atá agat orm: is eól duit m'ainm ach ní h-eól duit mo mheón ná mo shlighte. Lé faid m'aimsire as an bparóiste téidheann sibh dem aithne: ní fheadar cé sibh féin.

aithne: *b.4.* foirceadal creidimh, órdughadh. Deich n-aitheannta Dé: na deich n-órduighthe do thug Dia don gcineadh daonna mar riaghlachaibh chun a mbeatha do chaitheamh dréir a thola. Seacht n-aitheannta na hEaglaise: na seacht n-órduighthe do nasc an Eaglais Chaitliocaidhe orainn mar riaghalachaibh chun ise do leanamhaint dréir a múinte. Gan aitheannta do chreidimh connus thuigfeá, connus is féidir leat, cad is bun lé cad éiligheas an eaglais ort? Ná bíodh aon amhras ort go raghaidh sé amugha ar aon rud, ná go ndéanfaidh sé aon dearmhad, mar tá fios aitheannta a chreidimh go maith aige: duine glic, aireach, doimheallta.

aithneadamhail: *a.* (**aithnideamhail**) coidreamhach, taithightheach. B'aithneadamhla me ar Ghaedhilg 'ná ar Fhrainncis, mar is í an Ghaedhilg mo theanga dúthchais: is mó m'eólas agus thaithighe uirthe. Tugaim fé ndeara gur beag duine ar an sráid nách mbeannuigheann duit, duine aithneadamhail seadh thu: is eól do shluagh mór daoine thu. Chuaidh sé fé sciain ag dochtúir aithneadamhail: dochtúir go raibh a fhios ag an gcoitchiantacht a fheabhas. Cad fáth nách mbeimís aithneadamhail ar a chéile ag obair in aon oifig lé fiche bliadhain? taithightheach ar mheón a's shlightibh a chéile. Ní fhéadfainn bheith aithneadamhail ar na daoinibh mar ná raibh eaga agam a mbéasa do thabhairt fé ndeara: eólas ceart do bheith agam ortha. An bhfuilir aithneadamhail ar an aimsir? an mbeadh a fhios agat dréir cómharthaidhe áirighthe cad é an saghas aimsire a bheadh chughainn? Daoine aithneadamhla seadh lucht aon bhaile: bíonn fhios aca i dtaobh a chéile.

aithneamhaint: *b.2.* ag cur aithne nó eólais air; eólas, eólas ó dhearcadh nó scrúdughadh. Níl aon aithneamhaint fós ag an ndochtúir ar an aicíd atá air: níl aon deimhniughadh aige ós na cómharthaidhithe. D'iarraidh an duine sin d'aithneamhaint atáim agus tá ag dul díom: a dhéanamh amach cé hé. Is é aithneamhaint atá agam ar mo hata go bhfuil m'ainm laistigh air: an cómhartha gur féidir a rádh cé leis é. Ní mór an aithneamhaint idir an mbeirt dreathár: táid an-chosamhail lé chéile. Cuir aithneamhaint ar na leabharthaibh do theastóchaidh uaidh: cuir cómhartha ortha nách gádh bheith ghá lorg. An t-amadán, ní raibh d'aithneamhaint aige ar an dtigh ach go raibh capall bán i mbéal dorais ann: an t-aon chómhartha go bhfaigheadh sé amach an tigh airís! Aon aithneamhaint níl air ó thuit airgead air: atharrughadh mór air. Galar éagsamhail atá ag scrios na dúthaighe ní féidir leis na dochtúiridhibh aithneamhaint do chur air: níleadar i ndán a rádh as na cómharthaidhibh atá ag gabháil leis.

aithnid: *a.* i bhfios. Nách aithnid duit me? nách n-aithnighir me? nách bhfuil a fhios agat cé hé mé? Fanfad ameasc mo bhuachaillidhe aithnide féin: iad so is eól a's taithighe dom. Ní h-aithnid di a seancháirde anois lé tóirtéis: ní thaithigheann sí a gcuideachta. Ná tagair liom nidh nách aithnid dom: nidh nách bhfuil eólas ar bith agam air. Tá éisceanna do-aithnid ar thóin na farraige: éisceanna nách bhfuil ainm againn dóibh toisc nách bhfeacamair riamh iad. Do bhuail fear an-aithnid leis ar an dtraen a labhair go lághach leis agus a mheall a chuid airgid uaidh: fear ná raibh a fhios aige cérbh nó cad é an saghas é. Dá mhéid ceilt do dhein sé air féin, malairt éadaigh, féasóg bhréagach, atharughadh ar a ghuth, budh sho-aithnid dom é age 'n-a chosaibh mhóra: b'fhuraiste a dhéanamh amach cér bh'é.

aithnighim: *b.a.* cuirim eólas air, bheirim chun mo chuimhnte, breithnighim (thar a chéile). Aithnighim ar an ngléasadh atá ort go bhfuilir ag dul ar aistear: is soiléir dom. D'aithneófá ar neamhanamamhlacht na n-éanlaithe go bhfuil drochaimsir chughainn: cómhartha é go bhféadfá teacht ar an aigne sin uaidh. Cé nách h-aithneóchadh ar an bhfuadar fiadhain a bhí fén ngluaisteán ag scuabadh tríd an sráid go dteangbhócadh dóibh: déarfadh aonne sin ar a fheicsint. Aithnighim ar fhuinneógaibh an tighe bheith clúduighthe go bhfuil an mhuinntir as baile: bainim an tátall san as. Is ar éigean aithnighim thu lé donacht radhairc mo shúl: mo dhóthain cúirim bheith deimhnightheach

gur tú atá agam. D'aithnigh an saoiste dhúinn an áit go mbeimís ag obair: theasbáin sé. Cearrbhach! imirtheóir ná h-aithneochadh idir thriuch agus spéarat! ná féadfadh an deifridheacht do theasbáint. Duine maol ná h-aithneóchadh an t-uan do bhaint ón gcaoire: duine gan aon urchóid. D'aithneóchadh do bhearta in aon áit thu: chuirfeadh do ghníomhartha in iúil cad é an saghas duine atá ionat. Creid mise leis go n-aithneóchaidh do dhroichbhearta fós tusa muna n-atharruighir do phort: go bhfillfid ort, nách i gcómhnaidhe éireóchaidh leat. Aithnighim a's ní aithnighim thu: táim in amhras id thaobh, nílim deimhnightheach. Dá fheabhas do chuir sé chuige níor aithnigh sé riamh me: do theip air trí gach iarracht mo choidreamh do chur. Níor aithnigh sé a bhean, an lá pósadh é marbhuigheadh é: níor bhain léi. Dhoirtis an bainne, a leinbh, d'aithnigheas! bhí a fhios agam gur mar sin do bheadh.

aithnim: *b.a.* fógraim, órduighim, le h-ughdarás, ughdaruighim, cuirim de gheasaibh ar. D'aithin Dia dhúinn an mhaith do dhéanamh a's an t-olc do sheachaint: do nasc nó d'órduigh Dia etc. Aithintear orm dul chun faoisdine uair sa mbliadhain ar a luighead: órduightear domh é. Aithintear don saighdiúir bheith umhal dá uachtarán: fógartar air lé h-úghdarás é. D'aithin an t-uachtarán orainn dlighe na talmhan do chóimhlíonadh: chuir sé n-a luighe orainn lé n-a cheannas.

áitreabh: *f.1.* áit chómhnaidhthe, áit lonnuighthe. Fuairtheas rian áitribh in iarthar an oileáin, fothracha, iomairidhe, uaghanna: rian go raibh treabh n-a gcómhnaidhe agus ag maireachtaint ann tráth éigin in allód. Manaigh a dhein áitreabh ar an gcom cnuic sin ar dtúis: a bhris an talamh agus a chómhnuigh ann. Cad é an áit thíos thar cnoc go bhfuil t'áitreabh? go bhfuilir id chómhnaidhe. Daoine bocht-áitribh seadh na daoine cois farraige: ar bheagán fághaltais. Ní sláinteamhail an t-áitreabh atá aca, scéidheann an t-uisce ón abhainn isteach sa gheimhreadh ann: droichthigh cómhnaidhthe, áit scéirdeamhail. Chaitheamar teicheadh as, níor bhféidir é d'áitreabh: cur fúinn ann agus an talamh do shaothrughadh. Is mó áitreabh in Éirinn roim theacht Phádraig: is iomdha cineadh do ghaibh an dúthaigh. An bhfuil aon áitreabh agat ar an ndúthaigh soir ó Chill Áirne? an bhfuil eólas nó cur amach agat ar an áit a's ar na daoinibh a shealbhuigheas é. An bhféadfá áitreabh do thabhairt dom ar an luing a briseadh annso dathad bliadhain ó shoin? an bhfuil aon chúntas nó cur amach agat uirthe? Bhíodh áitreabh ar ór in Éirinn fadó mar is léir as na h-órnáididhibh atá sa tseódlann: eólas air agus connus é d'iondrabháil. Áitreabh mo chinidh Cúige Laighean: a ndúthchas, is as do shíolruigheadar.

áitreabhach: *f.1.* duine a lonnuigheas in áit: ionchómhnaidhthe. Níl ach fothracha sa Ghleann Mhór anois, scrios an Ghorta na h-áitreabhaigh as: lucht cómhnaidhthe. Ní fhéadfainn aon eolas do thabhairt duit ar an áit, ní áitreabhach mé: duine a chómhnuigheas ann. B'éigean dúinn é d'fhágaint le gaoith a's droichshíon, níor bhall áitreabhach é: níorbh fhéidir saothrughadh na beatha do dhéanamh ann.

áitreabhadh: *f.* (*-bhtha*) do dhéanamh cómhnaidhthe, do chur fé. Ní fios cér bh'iad lucht áitreabhtha an cheanntair seo ar dtúis: cé h-iad do ghaibh agus do shaothruigh an talamh ann. Daoine beaga seadh na dreamanna atá ag áitreabhadh talmhaintidhe na leac oidhreach: i seilbh 'sag maireachtaint ann.

áitreabhaim: *b.a. 7 b. n-a.* cómhnuighim ann; sealbhuighim. Seo mar a n-áitreamhaim, tair isteach: is annso chómhnuighim. Áitreabhann siad na tighthe seo go léir: is leó iad.

áitreabhthóir: *f.3.* duine a chómhnuigheas in áit. Dob éigean dos na h-áitreabhthóiridhibh teicheadh nuair bhochtnuigh an saoghal ortha: an lucht cómhnaidhthe. Áitreabhthóiridhibh cruaidhe sláinteamhla iad súd do bhris a's do mhínigh taobh garbh an chnuic: lonnuightheóiridhe dícheallacha, gnóthacha.

aithreach: *a.* brónach, cathuightheach, doilgheasach trí pheaca. Ní h-aithreach liom nách dtáinighis mar bhí cuideachta againn nách dtaitneóchadh leat: ní brón liom. Aithreach tréis peacuighthe dhuit: brónach ródhéidheanach. Beir níos aithrighe tréis a choimeádta 'ná a thugtha uait: i gcaitheamh na haimsire is oth leat nár thug uait. Téidheann na sluaighte aithreacha ar oilthireacht go Cruach Pádraig: daoine ag déanamh a n-anama.

aithreachas: *f.1.* brón, doilgheas, cathughadh, mothúilt ghéar mar gheall ar rud éigin do dhéanamh as an slighe. Beidh sé n-a aithreachas choidhche orm nár thionnlaic abhaile é, dá ndeininn ní eireóchadh an tubaist úd do: beidh sé ag déanamh mearbhaill inntine dhom. Beir n-a aithreachas mara gceannuighir é, tá sé anshaor: b'fheárr leat tréis tamaill go gceannuightheá é. Mhalartuigheas mo chártaidhe leis agus tá san in aithreachas orm: atharrughadh ar olcas dob eadh é agus ní sásta táim dá thaobh. Mhalartuigheamar capaill gan aon téarma aithreachais: gan aon agó sa mhargadh iad d'athfhilleadh dá mbeadh aonne againn míoshásta. Is cuma cad thárluigheann do, duine gan aon aithreachas seadh é: gan aon mhairg shaoghalta. Chuirfeadh sé aithreachas croidhe ort féachaint ar an ndrochchlódh atá air: brón: d'eireóchadh maoithneachas (truagh) id chroidhe dho.

aithreamhail: *a.* ar nós an athar, ag dul le n-a athair. Labhair-se go h-aithreamhail leis, b'fhéidir go mbogfá é, ní dhéanfadh sé lán mo bhaise orm-sa: labhair leis mar labharfadh athair go cneasda, deaghchómhairleach. Is aithreamhail an chlann do thóg sé, fial, sultmhar: budh dhual dá n-athair bheith ar an gcuma san: táid ag dul leis: na tréithe céadna. Níor chaillis an tsrón fhada, aithreamhail: an déanamh céadna ar do shróin a's tá ar shróin t'athar.

aithreamhlacht: *b.3.* cneasdacht athar, mórcheanamhlacht mar is dual d'athair; cosamhlacht le h-athair; tréithe athardha. Is beag an aithreamhlacht do thugair dár gclainn, ní dheineann tú súgradh leo, ní fhéachann tú i ndiaidh a sláinte, ní cheannuigheann tú faic dóibh: grádh agus leanamhnachas budh dhual d'athair. Is treise ar t'aithreamhlacht 'ná ar do mháithreamhlacht: is soiléire airidheanna (cómharthaidhe) d'athar ort 'ná do mháthar. Níl lasántacht ná féile ann, cár bhris an aithreamhlacht? cá bhfuil an dá thréith sin a athar lé feicsint.

aithrighe: *b.4.* brón i dtaobh déanta peacaidh nó míochóra; pionós na h-eaglaise i bpeaca; an buaidhreamh a chuireas duine air féin i gcúiteamh peacaidh; greadadh coguais. "A Dhia, tabhair eaga aithrighe dhom", ars an peacach nuair bhraith sé an bás n-a ghaor: breis bheag eile saoghail go ndeineadh sásamh do thabhairt n-a chorthaibh. "Fan anois foillín, cá bhfuil do dheifir?" "táim i gcás dhá chomhairle dul leat nó fanacht, tabhair ré

aithrighe dhom": eaga machtnaimh cad dhéanfadh. Fágaim lé h-udhacht agus lé h-aithrighe go ndeárna sí an ceart a fear d'fhágaint, má bhíodh sé ghá bualadh: dearbhuighim go láidir: dá mbein ag dul chun báis sin é díreach a déarfainn. Tréis olna a's aithrighe dho d'éag sé: tréis an tsagairt ghá ullmhughadh chun báis agus cúitimh do dhéanamh n-a pheacaidhibh d'imthigh sé ar shlighe na fírinne. Aithrighe thóirnighe dhuit aithreachas do bheith ort lé linn breóidhteachta: an té go mbíonn eagla air lé linn tóirnighe agus splannc bíonn sé ag cuimhneamh ar a pheacaidhibh acht ar mbeith thart don anaithe is beag fonn guidhe a bhíos air. Cad é an aithrighe chuir an sagart ort i bhfaoisdin? dhá choróin Mhuire. Ag déanamh aithrighe 'n-a pheacaidhibh chuaidh sé isteach i mainistir: sásamh do Dhia.

aithrigheach: *f.1.* duine a bhíos ag déanamh cúitimh, duine go mbíonn croidhebhrughadh air i dtaobh a mhíoghníomh. Aithrigheach maith seadh thu, chidhim ag dul chun teampaill gach lá thu: duine atá cathuightheach i dtaobh do ghníomh. Is minic nách iad na h-aithrighigh is giorra don altóir: nách iad na daoine is mothálaighe coguas. Ní bheinn im aithrigheach ar bhiadh do ghoid fé ocras: ní bheadh sé n-a dhrochghníomh ar mo chroidhe: trí chéile choguais.

aithris: *b.2.* ag déanamh cosamhail lé, do cheapadh dréir pátrúin áirighthe: ag aithinnsint le geámaidhibh, ag eachtraighe. Ná bí ag déanamh aithrise ar aonne: ag cur cuma nó cosamhlachta duine eile ort féin chun gáiridhe do bhaint amach. Thug sé aithris ar Bhrian Bóramha uaidh: do labhair sé eachtra ar Bhrian ag trácht a ghníomhartha. Ag scríobh duit déin aithris orm-sa: déin díreach mar dhéinim-se. Ná déanfá aithris ar a dtáinig rómhat a's bheith id Ghaedheal mhaith: bheith mar iad 'n-a slightibh a's n-a ngíomharthaibh. Ar aithris an Chéitinnigh do scríobhadh sé: ar dhul scríobhnóireachta an úghdair sin. Is brón liom lé n-aithris gur cailleadh go h-oban é: lé n-innsint. In aithris an scéil chuadhas amugha: in innsint. Cú! níl innte ach aithris con: cosamhlacht con gan rith ná lúth cheart. An clog maith é sin? ní h-eadh, níl ann ach aithris: deallramh cluig. Chaitheadh sé an oidhche ag aithris cois teine: ag scéalaidheacht.

aithriseach: *a.* tugtha d'innsint, go maith ar aithris. Cuideachta shubháilceach ar aistear seadh é, aithriseach, greannmhar, scéalamhail, eachtramhail. Bheadh náire orm bheith chómh h-aithriseach leat-sa: tugtha do scéaltaibh d'iomchar. Is gránda bheith aithriseach: gach scéal ar ghob ag duine.

aithriseóir: *f.3.* duine a thugas uaidh os cómhair sluagha as ghlanmheabhair iarracht ullmhuighthe mar dán nó giota beacht cainnte ar nidh áirighthe: leabhar go mbíonn sleachta dá shaghas ann. Aithriseóir gan líomhthacht gan leath na cainnte de ghlanmheabhair aige: gan bheith ábalta ar gheámaidhe a's geáitsidhe oireamhnacha do chur i bhfeidhm. Aithriseóir go bhfuil fiche giota ann le rádh ar nós óráide: leabhar.

aithriseóireacht: *b.3.* giota cainnte oireamhnach lé rádh lé geámaidhe etc. Sin dán is fearr a rithfeadh n-a aithriseóireacht 'ná n-a amhrán: do rádh le geáitsidhibh gan guth ceóil do chur air: tráchtas d'innsint go tómhaiste, lé geámaidhibh etc.

aithrisim: *b.a.* innsim, eachtruighim, tuairiscighim, leanaim mar sholaoid, déinim magadh fé. "A Phádraig, aithris dúinn anois gan mhairg, connus mhairis d'éis na bhFiann": inns dúinn go cruinn. Éistidh go cúramach, aithriseóchaidh an teachtaire dhúinn cad é an eachtra atá aige chughainn: innseóchaidh sé dhúinn go cruinn, mion a bhfuil ar eólas aige. D'aithris sé orm go rabhas déidheanach: thug sé a thuairisc orm. D'aithriseóchadh sé ort a bheith ar meisce: chuireadh sé air féin an chosamhlacht a bheadh ort-sa.

aithscéal: *f.1.* aithinnsint ar scéal agus atharruighthe déanta air. Scéal a bhíos ag imtheacht ó bhéal gó béal agus ó áit go h-áit éirigheann aithscéalta as: an scéal céadna ach malairtidhe aithris air. Dréir scéal na maidne, do bhí an cath ag dul 'n-ár n-aghaidh, ach tháinig aithscéal gur ruaig ár dtaobh-ne an namhaid: scéal eile. Éirighim tuirseach det aithscéaltaibh: scéalta nách tú an chéad duine a innis iad. Is minic ar an gcraolachán a cuirtear aithscéalta ó thíorthaibh thar lear chughainn: scéalta do scaoileadh chughainn trí áit áirighthe ó áit eile.

aithscéala: *f.4.* aitheachtra, scéala airís. Chuireadar scéala chughainn go mbeidís sásta lé trí chéad púnt do thabhairt ar an dtigh, ar maidin tháinig aithscéala uathu nách dtabharfaidís air ach dhá chéad go leith: scéala eile nár réidhtigh leis an gcéad cheann. Chuaidh scéala ós na h-Óglaigh 'on Ghearmáin na gunnaidhe do chur i dtalamh Aoine an Chéasta agus aithscéala gan iad do chur i dtalamh go Luan Cásca: malairt scéala, scéala do threasughadh an chéad scéala.

aithscríobhnóir: *f.3.* duine a scríobhas leabhar nó aon rud an athuair, duine a ghníos cóip d'aon nidh scríobhtha, duine a chuireas athchlódh ar aon scríobhnóireacht. D'fhág an t-aithscríobhnóir mórán rud ar lár as scríbhinn an chéad lae agus d'atharuigh mórchuid focal: an té do rinne an chóip. Do dhéanfadh aithscríobhnóir leabhar maith de san, cuid de d'fhágaint amuigh agus cuid de do shlachtughadh: scríobhnóir a aithdhéanfadh é. San Acadamh do chaitheadh Seán Ó Faircheallaigh, an t-aithscríobhnóir a shaoghal ag síordhéanamh cóipeann. Aithscríobhadóir: fear a scríobhadh i gcóip.

aithscríobhaim: *b.a.* scríobhaim airís, nó deinim cóip de. Scríobhas chuige ghá iarraidh air teacht ar cuaird chugham agus mar nách bhfuaireas aon fhreagra d'aithscríobhas: scríobhas an dara h-uair. Athscríobh an cheacht san tá sí chómh dearmhadach san nách bhfaighim aon chiall léi agat: scríobh an cheacht chéadna uair eile.

aithshíothcháin: *f.1.* ceannsughadh, muinnteardhas fé dhó. Goilleann sé orm bheith in earrad le caraid béil dorais, an ndéanfá aithshíothcháin eadrainn? muinnteardhas, caradas. Ní mór an fonn aithshíothchána a bhí ar Shasana lé h-aon dúthaigh riamh muna bhfaigheadh sí breis agus a teacht chun réidhtigh. Bliadhanta buana an t-athair 'san mac in easaontas le chéile gan aon tsúil le h-aithshíothcháin ag aonne leó: iad do cheannsughadh. Cuireadh toscaire thar lear chun aithshíothchána do dhéanamh idir Shasana a's an Ghearmáin: réidhteach. Tháinig Uachtarán Mac Liam ón Oileán Úr chun aithshíothchána do dhéanamh idir throdairidhe na h-Eóraipe, aislingtheach dob eadh é, mar is beag tor do thugadar air: chun pé muinnteardhas a bhí eatartha roim an gcogadh do cheangal eatartha airís. Nách creideamhna dhúinn aithshíothcháin 'ná síor-earrad:

buidheachas a's cóimhmheas. Cheapas nách bhfeicfinn an bheirt sin aithshíothchánta choidhche a's a dhíomasaighe do cháinidís a chéile: aithcheannsuighthe.

aiththreabhadh: *f.* (*-tha*) treabhadh an dara h-uair. Talamh láidir ní díobháil é d'aiththreabhadh: dhá threabhadh do thabhairt air. Tá an long ag aiththreabhadh na mara abhaile: ag filleadh ó áit in imigcéin ar an áit d'fhág sí abhfus. Bead ag cur chun aiththreabhtha ar an seantheaghlach: ag filleadh abhaile. Seadh, is mithid dúinn dul i mbun aiththreabhtha, tá an aimsir ag éalughadh tharainn: dul i bhfeighil oibre nó gnótha an athuair.

ál: *f.1.* sliocht, óga éin nó cránach nó madra nó eascún, giorrfhiadh, sionnach, coinín etc.; clann. Uimhir iolraidh an fhocail seo, alta. "Alta brollaigh dom Machtna a's Maonas, Ó Néill, Ó Laoghaire buadhach" (sliocht as an g"Cailín Ruadh"): clann dhlistinneach. Éan beag go n-ál mór an dreóilín: mórchuid geárrcach. "Trí chéile, a chlainn", ars an dreóilín leis an ál nuair theastuigh ón madra an seanéan do bhreith leis: na h-óga, na geárrcaigh. Ál deich mbanbh a bhí ag an gcráin: na h-airc. Do lait na luchaigh 'sa n-alta an coirce: na luchaigh óga. Is truagh í féin féin 'sa h-ál leanbh gan fear tighe chun a gcothuighthe: líon iomláin a clainne. Is cosamhla lé h-ál iad ná lé fearaibh: tá siad mion, suarach, gan toirt, daoine miona. Cosnann an mháthair áil a h-ál ar an namhaid: máthair na n-óg (caislinidhe, sicínidhe, banbhaidhe etc.). An bhfuil a lán clainne aca? tá, ál: cuid mhór óg.

álach: *a.* go n-ál nó sliocht líonmhar. Aicme álach seadh tuinncéiridhe, líonfadh muirear aca aon tigh: sluaghmhar.

a leith: (**i leith**) ar thaobh, an dtaobh-so, annso. Tair i leith chugham: tair annso go dtí me. Cogar i leith chugham: éist go h-aireach liom anois. Fear siubhaltach dob eadh é gur phós sé, ó shoin i leith ní chorruigheann sé amach: ón am san go dtí an t-am so. I leith leis an airgead sara bhfaighir an earra: chugham amach é, díol ar dtúis me. An bhliadhain do tháinig na Sasanaigh i leith go h-Éirinn: anall go h-Éirinn.

alla: *a.* fiadhain, neamhmín. Madar alla, faolchú nó machtíre. Shádar chun a chéile ag gabháil stealla ar a chéile mar bheadh madraidhe alla: díreach mar bheadh machtaíridhe ag stolladh 'sag stracadh a chéile. Bíonn sí do shíor ag troid lé n-a chómharsanaibh, nách í an madar alla í: nách í an bhean mhíneáireach, chrosta í. Ná bíodh aon tsíos ná suas agat leis na daoinibh sin madraidhe alla cearta seadh iad: daoine míneáireacha, doicheannsuighthe, crosta, crostálta. Chidhfeá daimh alla i gCill Áirne: fiadhanna nách bhfuil mín. Damhán alla: aithid go mbíonn gathaidhe fada, casta air, a ghnidheas nead dréachtáin do féin mar a gcómhnuigheann sé agus faireann a chreach (cuileanna). Gan aon rud do dhearmhad, ag bailiughadh chuige ar nós an damháin alla: crobhanna air mar gathaidhe an damháin alla chun sainnte.

allagar: *f.1.* mórchuid cainnte, conspóid, achrann cainnte, deinimís rud éigin a's ná bímis ag allagar ar an gcuma so, cainnt, cainnt, gan aon ghníomh: ag teacht treasna ar a chéile. Níor tháinig aon nidh cóir riamh as allagar: bheith ag síorachrann cainnte. Tá sé n-a thigh allagair agaibh gach aon oidhche ag áiteamh poilitidheachta a's gach ao'nidh eile ar a chéile: ag argóint go feargach, míchiallmhar. Ní argóint do bhíonn ar siubhal sa Dáil ná ar

sin de in aon áit go mbíonn poilitidheacht dhá áiteamh ach allagar: cainnt ghlórach, shuaidhte, fheargach, mhíochuibheasach. Is mithid dúinn scur den allagar: de bheith ag áiteamh ar a chéile gan fuaimeant. Ag gabháil thar an dtigh dom do chuala an gleódh, stadas, seadh, bhí na fir ag allagar: ag cainnt go mórfhoclach, ardghlórach. Tigh allagair atá aca: ní réidhtighid lé chéile: daoine allagair.

allaibhre: *b.4.* bailbhe (bailbheacht) cluaise de dhruim mórán gleóidh catha, breóidhteachta, leathbhodhaire, ceart nó leigthe ar. Chuir fothrom na ngunnaidhe móra allaibhre air, caithfir labhairt níos aoirde leis: ceal géire éisteachta. Tháinig allaibhre orm ó bheith ag éisteacht leis ag cainnt gan fuaimeant: ghoill a labhartha ar m'éisteacht. An gcuireann mo scéal allaibhre ort, lé n-a fhadálacht? an dtuirsigheann sé tú? Iarr airís air an t-airgead do thabhairt duit, ní bodhaire atá air ach allaibhre: ag leigeant air nách gcloiseann sé seadh tá sé. Ní chloisim go rómhaith, d'fhág an slaghdán allaibhre orm: mairbheacht éisteachta. Tá éisteacht mhaith i gcluais liom ach tá iarracht d'allaibhre ar an gceann eile: bailbhe éisteachta. Nách mór an allaibhre a bhí ort nár chualaidh ag glaodhach me in árd mo chinn a's mo ghotha? bodhaire, ceal aire. Labhair sé liom uair, dhá uair, trí h-uaire, ach bhí allaibhre orm-sa: leigeas orm nár chuala é. "Tabhair dom do leabhar ar iasacht" – "tá allaibhre orm": níl fonn orm é do thabhairt duit.

allait: *b.2.* beart, dlús aindeis aon ruda, cnapán toirteamhail. D'fhás allait ar a mhuineál a chuir chun báis é: cnapán míochumtha, droichiomchair. Thug an gárda allait fé ndeara fé n-a chasóig aige nuair chonnaic sé port uirthe agus stad sé d'fhéachaint cad a bhí aige: cnapán de rud éigin. Cheannuigh sé allait mhaith feóla ón mbrothaire ar choróin: geannc mhór, theann gan gearradh gan cóiriughadh. Beireadh ar an ngadaidhe a's a allait aige, feidhre bróg, sé fheidhre stocaidhe agus dhá chasóig: beart sluide. Na beithidhigh a bhíos ar féarach i gContae na Midhe bíd n-a allaitidhibh le saidhbhreas na talmhan: mór, groidhe, atuighthe, feólmhar. "Tá t'allait agat", déarfá le duine nuair chidhfeá cnapán teann casta i bpáipéar nó a lithéid aige. Ní fheadar in ao'chor cad é an allait a bhí sa mhála aige: rud éigin go raibh cnapán ar an mála aige. Ní fhéadfainn an allait sin do chur im phóca, rud rómhór seadh é: an tiomargan san nó an bailiughadh san. Bocht anois, seadh, ach lá éigin beidh allait airgid agam, go gcuirfidh a méid leathadh ar do shúilibh: tiomargan, deascán airgid. Chuaidh dealg aitinn (scolb cruaidhe, adhmaid etc.) n-a chois gur at sí a's go bhfuil in aon allait amháin anois: reamhar, tinn, míochúmtha. Téidheann sé dian ar mhada ruadh mara mbeireann sé gé nó lacha nó allait éigin abhaile chun an áil: rud éigin scabhárdach lé n-itheadh. Cheannuigheas droch-allait an lá cheannuigheas an capall stailce seo: do rinneas drochmhargadh. Ní fhéadfadh seisean rith lé n-a bholg mór, cad tá ann ach allait: rud aindeis. Is iomdha allait in aisce a fuairis sa tigh sin: bronntanas gurbh fhiú a iomchar. Chonnacadar allait éigin ar snámh nár bhfeadradar ar chaora nó gabhar é: rud éigin cuibheasach mór míochúmtha.

allmhurach: *f.1.* eachtrannach, duine thar lear, duine fiadhain. B'fhada sinn fé chuing na n-allmhurach, gan géilleadh ná truagh dúinn: duine iasachta (Sasanaigh) nár thuig dúinn. Tá cosc curtha le h-allmhuraigh dul chun cómhnaidhthe san Oileán Úr anois: daoine ó thíorthaibh eile. Ní dhéanfadh allmhurach tu do bhriseadh as do chuid oibre mar gheall ar bheith déidheanach aon mhaidean amháin: duine nách mbeadh aithne aige ort ná taise aige dhuit. Allmhuraigh a tháinig i gcoim oidhche do scrios an baile a's d'árduigh leó

leanbhaidhe: foghlaidhthe mara. Seachain tú féin, ná bíodh aon iontaoibh agat as an allmhurach san: duine coimhtheach, neamh-mhuinnteardha.

allmhurdha: *a.* iasachta, fiadhain; coimhtheach. Daoine allmhurdha, an méid do chonnac-sa díobh seadh na h-Iodálaigh nár mhaith liom puinn bainte do bheith agam leo: daoine do-thuigse, aite, neimhiontaoibheacha. Cá bhfuairis an chulaith allmhurdha? tugann sí cuma ait ort: culaith bharbardha, thuathalach. Dá allmhurdha é, nuair bhuailfeadh sé leat fear fial seadh é dá mbeadh gádhtar ort agus tú féin do chur in iúil do: má tá cuma choimhtheach neamhmhuinnteardha air, malairt fir seadh é lé linn gádhtair.

allmhurdhacht: *b.3.* barbardhacht, do bheith iasachta nó coimhtheach. Allmhurdhacht cheart dob eadh Béarla do chur dá n-aindeóin ar mhuinntir na tíre seo: barbardhacht. Do chuir allmhurdhacht Chromaill crith cos a's lámh ar na daoinibh: a gcoimhtheacht, a neamhdhaonnacht. Cé gurbh Éireannach maith é agus go ndeárna sé a chion chómh maith lé fear ar bith ní raibh sé gan allmhurdhacht nách dtéidheadh na daoine leis: coimhtheacht, ceal grádhmhaireachta dúthamhla.

allfraits: *f.* $_7$ *b.* (*-e*) cladhaire, bitheamhnach, droichghéag, duine neamhiontaoibheach. Allfraits capaill, bó, (aon ruda). Bí ar t'aire ar an allfraits teine sin: teine a dhóighfeadh thu gan choinne leis. Allfraits fir atá istigh leat, fair tu féin air: fear a fheallfadh ort. Nách í an ghaoth an t-allfraits a árduigh mo hata amach ar an muir? an rud nách bhféadfá iontaoibh do chur aiste. Cad dhéanfadh mac na h-allfraitse ach beart truaigh: mac an drochdhuine. Léim an t-allfraits cait anáirde ar an mbórd agus sciob an t-iasc: bitheamhnach cait. Níor dhein riamh é ach allfraits, scéitheachtaint leis na dubhchrónaigh ar a chómhluadar: cladhaire ainscianta. "Á, a allfraits, fuairis an chao orm", ars an t-iascaire nuair chuaidh an dubhán ceangailte ann: rud intseachanta. Allfraits as a dheireadh seadh an capall san (an tarbh as a adharcaibh, an madra as a bhéal), fan ó n-a chrúbaibh: ní iontaoibh é riamh.

allfraitsidheacht: *b.3.* bitheamhantaidheacht, cladhaireacht, feall. Ní fheadrais cad bhíonn ar siubhal ag an nduine céadna, bíonn an dúthaigh mór allfraitsidheachta dhá thaidhreamh do: smaointe fill. Ní lé ceal ná gádhtar do thóg sé na bróga ach le h-allfraitsidheacht: an chladhaireacht nádúrdha a bhí ann. D'aithnigheas ar an slighe a bhí sé ag útamáil tímcheall orm go raibh allfraitsidheacht éigin dhá thaidhreamh do: fonn droichbhearta do dhéanamh. Nár mhór an allfraitsidheacht do an tigh d'fhágaint san oidhche gan díol as a bhórd: cladhaireacht is sprionnlaitheacht.

allóid: *b.2.* an tseanaimsir. Níl aon atharrughadh tagtha air, tá sé mar bhíodh san allóid: an tseanaimsir. Ag cuimhneamh ar an allóid agus an saoghal maith do bhíodh aige atá sé go bhfuil a cheann féin: an aimsir fad ó shoin.

allta: *a.* fiadhain, fíochda, éigciallda, neamhmín, gan tíorachas. Daoine allta, a íosfadh thu, dar linne, atá istigh i lár na h-Afraice: daoine atá mar an beithidheach fiadhain. Níl aon ainmhidhthe allta sa dúthaigh seo, mar an machtíre: ainmhidhthe fiadhain. Bhuail sé an doras isteach, agus mara raibh cuma allta air, scáird n-a shúilibh, cubharán lé n-a bhéal, gach aon léim buile aige! cuma fhiadhain, neamhdhuineamhail. Cad é an diall a

bhí ort agus cur fút in áit allta mar é seo, ní mhairfir leathbhliadhain ann: áit fhiadhain, lom gan fascain ó shín ann. Nuair chonnaic an bhean an scian ag déanamh ar a h-ucht do leig sí scread allta aiste: liach árd, fhiadhain. Ar m'ionnsaidhe don dtarbh thóch sé an talamh agus leig béic allta as: béic ghráindeamhail a scannróchadh thu. D'imthigh an aindeise ar fad ar mar fheirmeóir, níl beithidheach ag siubhal na talmhan aige allta ná mín: aon tsaghas in ao'chor, díscighthe ar fad.

alltach: *a.* fiadhain, fíochda, scannruightheach. Ná déin aon rud alltach a thabharfadh fearg lucht an Choláisde ort: fiadhain, míriaghalta. Gníomh níos alltaighe an ndeárna aonne riamh? – an ceann do theascadh le tuaigh dá mhnaoi a's dá chúigear cloinne: rud budh mhearbhallaighe. Ar son Dé cad bheir duit an chulaith alltach san do chur ort, cá bhfuairis, cá mianach, cá tailliúir, mo mhallacht ort mar dhuine? culaith ait a chuirfeadh mearbhall ort. Ní maith liom an chathair seo, tá cuma alltach uirthe, níl aithne agam ar aonne a's níl na daoine lághach: coimhtheach, iasachta.

alltacht: *b.3.* iongadh mór; scannradh; fiadhantas; fíochdacht. Cuireann sé alltacht orm a chlos é bheith dom chúisiughadh lé rud a dhein sé féin: iongadh nách taithneamhach. Léim mo chroidhe lé h-alltacht nuair osclas an doras do dhuine gan choinne (leis) nách bhfeaca lé dathad bliadhain: iongadh agus scannradh nách mór. Ná tagadh aon alltacht ort má deirim leat go bhfuilim ar tí tú do bhriseadh: ná cuireadh sé iongadh ort a chorróchaidh thu go rómhór. Deirir nár thug sé dhuit mo theachtaireacht gan tú do theacht annso agus a fhios aige gur ar mhaithe leat é agus a gheallamhaint agam, cuireann do scéal alltacht agus mearbhall aigne orm: dallann sé amach mé. Ní fheadair aonne acht an alltacht beathuisce d'ól sé lé n-a linn: méid doichreidte. Lámhachas an tarbh lé n-a alltacht, ar eagla go marbhóchadh sé aonne: fiaidhneacht. Dá me thu ní raghainn i ngoire an fhir sin, níl ann ach an t-aon rud amháin, alltacht: fiaidhneacht, míchneasdacht. Nách mór an obair ná ruaigeann alltacht na h-áite thu – idir dhuine a's cheanntar: mímhíne na ndaoine agus fiadhaine an bhaill. Dá bhfeictheá an alltacht a tháinig air nuair dubhart leis go raibh a fhios agam go raibh mo chuid 'n-a phóca aige: an iongadh dúmais. An chéad uair riamh a chonnac cluiche ar an árdán do chuir sé iongadh a's alltacht orm: bhain sé mo thuigsint díom.

alltas: *f.1.* alltacht. Dúthaigh alltais d'fhágas í: fiadhain idir dhuine a's áit.

allúntas: *f.1.* cuid, cion, roinnt i gcarthanacht. Ní fhéadfadh sé maireachtaint gan lá oibre do bheith aige, gan allúntas aige ó áit éigin: teacht isteach gan tuilleamh. Mara mbeadh allúntas an riaghaltais is iomdha duine bheadh in easnamh chruaidh: an t-airgead a tugtar don lucht díomhaoin. Ní raibh na saighdiúiridhe sásta lé n-a allúntas aráin, budh bheag leó é: an méid a riartí ortha dréir órduighthe. Nuair scuireadh ó n-a mhnaoi é cheap sé allúntas bliadhantamhail di chun a cothuighthe: áirighthe airgid.

allus: *f.1.* an fliuchra a thagas amach tríd an gcneas nó tríd an gcroiceann; fúscadh. Ag cur alluis le stros na h-oibre d'fhágann duine gan puinn líthe n-a cheannaighthibh: fliuchra an chuirp. Bhaineadh tiomáint seamann (ribhitidhe) allus fola asat lé n-a dhéine: fliuchra cuirp a lagóchadh duine mar lagóchadh dortadh fola. D'órduigh Dia don nduine a bheatha do thuilleamh lé h-allus a ghruadhann: saothar a ghéag féin, obair dhian.

Baineadh allus cnámh as san ósbuidéal a chuir feabhas air: allus trom. Seo obair a chuirfeadh chun alluis thu: a bhainfeadh allus asat. Tháinig bog-allus orm ó theas an lae: fliuchra ar an gcneas gan mórán strosa. "Obair gan allus seadh cléarcas (an peann)", ars an sclábhaidhe: obair gan duadh. "Is strosamhla obair incheann ná obair géag (alluis)", ars an scoláire. Tháinig brat fuar-alluis orm nuair sádhadh an scian chun mo scórnaighe: allus a thagann lé h-eagla nó lé gan bheith ar fóghnamh. Dá mhéid an tuargain órd do fuair an charraig níor cuireadh aon allus uirthe: níor suadhadh i slighe gur dhóigh leat go scoiltfeadh sí. Ag ól na pípe dhe tagann allus subháilceachta air: briseann fliuchra ar a chorp lé neart aoibhneasa. Nuair críochnuigheadh an rás ní raibh capall ná raibh sobal alluis air: a chroiceann geal mar bheadh galbhanach curtha fé. Chuir an t-ualach brat alluis tríom amach: mórchuid, anchuid. Déanfaidh an lá indiugh lá alluis, a fheara: lá trom oibre. Tháinig deóir alluis ar gach criath im chorp lé líonruith: allus ar gach pioc. Suidh a's déin sos, táir ar snámh d'allus: allus ar gach pioc díot a's ar silleadh leat. "Ní h-allus a thiocfaidh leat", deirtear lé duine díomhaoin, leisceamhail.

allusamhail: *a.* tugtha d'allus, do chur alluis (allasach). Duine allusamhail seadh me, féach me ar snámh leis déis dhá mhíle do shiubhal: gur furuiste fliuchra cuirp do theacht orm. Oibrigh leat é mar chapall, ná cuir aon nath é, capall allusamhail seadh é: tagann allus air gan puinn duaidh. Cá gcuirfeá obair rómhat is allusamhla ná rámhaidheacht: obair a bhainfeadh allus asat lé n-a déine. Speal an t-arm is allusamhla aca go léir: níl aon rud go mbéarfá air in obair ná gurbh í an speal is mó bhainfeadh allus asat. Duine allusamhail: nách mbíonn cruaidh. Ní íosfaidh sé thu, nách allusamhail ataoi roimis? nách ort atá an t-eagla go ndéanfaidh díobháil dhuit.

allusamhlacht: *b.3.* fusacht allus do theacht ar. Bíonn allusamhlacht in aonne go mbíonn iomad feóla air: mianach alluis ann agus é furuiste do bhaint as. Duine trom, aindeis a chaitheadh léine d'atharrughadh dhá uair ist ló lé h-allusamhlacht: leagadh lé h-allus.

almais: *b.2.* giob-geab, bladhgar cainnte, cainnt gháireamhail. Focal dá chuid almaise chainnte níor thuigeas, ní raibh dul ná crot uirthe go bhfaighfeá a leanamhaint. "Fathaigh mhóra, ghroidhe, a Shancó", arsa Don Cíochóité lé n-a ghiolla, "seadh iad agus tá orm iad d'ionnsaidhe mar is dual do ridire fáin", nuair chonnaic sé na muilte gaoithe, "almais chainnte", arsa Sancó gur bh'eól do go maith gur mhuilte iad: cainnt gan fuaimeant. Tháinig beirt sheóidh ar an árdán agus chuir an almais chómhráidh a bhí aca i dtrithidhibh gáiridhe a raibh ag éisteacht leó: cainnt ghrinn gan teóra céille ná fuaimeanta: bhriollabhrealla. An gealt bocht, almais mar gheall ar an mbaile a's a mhuinntir a bhíonn aige, nách bhfaghfá bun ná barr léi: cainnt gan aon bhrigh.

almhastrach: *f.1.* duine fuar, díomhaoin, leisceamhail, tnúthach. Sin mar chaitheann sé an aimsir n-a sheasamh n-a almhastrach ar chúinne sráide ag feitheamh le rud ó charaid éigin: n-a rud sprionnlaithe, díomhaoin. Níor cheart faic do thabhairt d'almhastrach: duine díomhaoin, neamhmhaitheach gurbh fheárr leis déirc ná obair.

alp: *f.3.* pléascadh ar bhréithribh láidre, snap cainnte. Ní túisce d'iarras air cead a inghine do phósadh air ná thug sé alp orm a thóg os chionn talmhan mé: scread sé orm i mbréithribh borba ghá rádh liom nár bh'fhiú me inghean tuinncéara gan bac le n-a inghin

féin. Raighidh an garsún san i bhfeabhas fós ar ghnóth ach gan alp do thabhairt air nuair dheineann sé dearmhad: béic fheargach. Shaoil an madra go rabhas ag tógaint coileáin as an ál uaidh agus thug sé alp orm: do scúg sé a fhiacla agus chuir sé scaimh air.

alpach: *a.* fíochmhar, connstrabhálta, slogthach; cnapach, cnocach. Bóthar alpach atá rómhat ó Thráighlí go Dúnchaoin: árdánach, ísleánach. Caithfear an chliath (an bráca) do chur ar an ithir alpaigh seo, tá iomad cnapán innte: níl sí mín. Do labhair sé go h-alpach liom nuair sheasuigheas ar a chois: go feargach, bagarthach. Ná bí chómh h-alpach san a's ná h-éisteófá lé míniughadh an scéil duit: míothuigseanach, míorothagach. Níos alpaighe ná cráin mhuice a itheann sé a chuid, lán béil ar lán béil aige dhá shlogadh: amplamhail.

alpachán: *f.1.* duine (go mórmhór duine óg) nó ainmhidhe teann, déanta; cnapán. Alpacháin dheasa chloinne atá aca: garsúin as gearrchailidhe téagartha dá n-aos gan bheith árd. Alpachán garsúin (gearrchaile): garsún téagartha, feólmhar. Cheannuigh sé alpachán capaill nách bhfásfaidh puinn: capall gan mianach fáis ann. Alpachán fir nár ghaibh in ao'chor leis an dtuairisc do fuaireas as an ndóirseóir d'oscail an doras dom: duine íseal, téagartha. Ní mór an toirt mar bheithidhigh iad, cad atá ionta ach alpacháin: beithidhigh ísle, théagartha, chruinne. Cad é an t-alpachán atá id phóca agat, tá bolg air? an cnapán: an allait: an rud a chuireas port air.

alpadh: *f.* (*-ptha*) d'itheadh go craosach, do shlogadh i mbéalógaibh móra, do bheith ag béicigh 'sag bagairt ar dhuine. Ní sláinteamhail do dhuine a chuid d'alpadh mar dheineann muc: do chaitheamh go h-amplamhail n-a gheanncannaibh gan aon chogaint. Alpadh na ndiall a's na ndeamhan ort: go n-ithidh na diaill a's na deamhain thu. Ná déin aon alpadh ar do chuid bídh: beir fada ar an itheadh. B'éigean dom mo phroinn d'alpadh le deithneas: do chaitheamh go tapaidh. Mhaoidheadh sé as an alpadh a dheineadh sé, trí sicínidhe! an t-itheadh craosamhail. Saoiste ná stadann d'alpadh ar a lucht cóganta nách féidir leó faic do dhéanamh i gceart dá réir: ag fagháil lochta ortha 'sag bagairt go glórach. Lucht alptha spólaidhe: daoine a chothuigheas iad féin go maith. Ní cainnteóir líomhtha fear a bhíos ag alpadh a chuid cainnte: ag glamhghail, ag stad, ag athaithris 'sag stalcghail: neamhshlachtmhar.

alpaim: *b.a.* slogaim biadh (tirim), ithim n-a bhéalógaibh móra, deinim craos, ithim gan chogaint. Alp siar anois an stéig sin, is feárrde thu é: ith í go fonnmhar, ná tuig go bhfuil an iomad ann. Ar chur an rúin os cómhair an chruinnighthe don gcathaoirleach, bhéic fear air cúladh, chrom an bheirt ar argóint is achmhusán, d'alpadar a chéile: thugadar cainnt ghargach mhíomhúinte dá chéile. D'alpadh an máighistir me nuair nách bhféadfainn a chruaidhcheisteanna d'fhreagairt: ghaibheadh sé dá theangain orm agus ní go mín é. D'alpfainn id bheathaidh thu dá ndearmhadfá glaodhach in am orm: léasfainn lém theangain thu. Alp a bhféadfair: ná coigil don bhiadh, ith go dícheallach. D'alp an t-iasc an baoite síos isteach n-a ghoile: shloig go cíocrach é.

alpaire: *f.4.* craosaire, slogaire, duine teann-dhéanta. Ní shuidhfinn ar bórd go poiblidhe leis chun ithte, thabharfadh an t-alpaire náire dhuit: craosaire, duine nách n-itheann go béasamhail. Chonnac faoilean ag slogadh eascún móire d'aon iarracht, nárbh í an t-

alpaire í: éan craosach. Alpairidhe an líon tighe sin: daoine mórghoileacha. Alpairidhe maithe fear seadh lucht iomchair an ghuail: fir chruaidhe, láidre.

alpán: *f.1.* cnapán. Cuir chughat alpán feóla ar do phláta: geannc mhaith mhór. Chuiris alpán sa bheartán san ní fhéadfair é d'iomchar: roinnt thoirteamhail. Caith alpán adhmaid ar an dteine: bloc. Déanfaidh an t-alpán san iomrascála maith: tá an déanamh daingean, talmhaidhe sin air.

alpghail: *b.3.* itheadh cíocrach, itheadh mórbhéalógach; do thabhairt freagraidhe groda. "Smachtóchad tu", ars an mháthair lé n-a leanbh, "muna n-ithir go suaimhneasach agus gan bheith ag alpghail": ag itheadh go cíocrach, guilmeach. Níl tor madra agam-sa ar do bhriathraibh, dá mbeidhtheá ag alpghail go buidhiughadh gréine orm: ag tabhairt asat go bagarthach, drochthagarthach. Alpghail chainnte: cainnt nách ngabhann míne ná cneasdacht léi.

alt: *f.1.* an nasc (teacht lé chéile) idir dhá chnámh mar an uile, an ghlúin, ubhall an chromáin, nó bun na lorgan agus an troigh; roinnt de leabhar, aiste i bpáipéar; cúis creidimh, ionad. Shleamhnuigheas agus cuireadh m'alt (mo choise) as ionad: leagadh é as an áit gur ceart é do bheith. Alt as ionad: amach as an áit is nádúrdha dho bheith. Ní mór an cóngnamh coisidheachta duit an t-alt de mhaide: blúire nó smut. Cuir na páipéir seo in alt a chéile: cuir in órdughadh cheart iad. Ní choiscfidh an tigh me ar na h-ailt do thabhairt duit má gheibhim a thuilleadh tarcuisne uait: tú do léasadh lém dhóirnibh dúnta. An uile lá príomhalt an pháipéir ag cáineadh an riaghaltais: an t-alt is tábhachtaighe, a chuireas duanghaois an pháipéir in iúil. Alt ar iascaireacht: cumadóireacht scríobhnóireachta a thráchtas go cruinn ar gach gné den dtionnscal san. Alt creidimh molta ag an bPápa riachtanach ar gach Caitliocaidhe do ghlacadh agus géilleadh dho: cúig áirighthe.

altach: *a.* cnapánach, dualach. Is dual dom géaga altacha do bheith orm: nascanna mo ghéag do bheith mórchnámhach. Adhmad altach ní maith chun doras: adhmad dualach – geanncanna beaga, donna, cruaidhe, cruinne ar nós dholaidhe rámhaidheachta a fhásas in adhmad.

altán: *f.1.* láidir, gearra. Altán scine: scian ghearr, láidir, ghéar.

altóir: *f.3.* an clár árd in eaglais mar a gceileabhartar sácraimint Cuirp Críost. Ón lá thugas ón altóir thu: ón lá phósas thu. Chómh firinneach a's dá mbein im sheasamh ar an altóir: ag cur an altóra mar fhíné gurb í an fhírinne atá agam. Ag maisiughadh na h-altóra: ghá bhreághthughadh, ag cur bláth nó a lithéid air.

altramaim: *b.a.* biadhaim agus friothálaim mar dhéanfainn lé leanbh nó duine breóidhte, do thógaint a's d'oileamhaint leinbh lé duine nách a athair ná a mháthair; cothuighim mar thréith éigin thábhachtach. Níor altram sé riamh drochaigne d'aon fhear: níor chothuigh sé: níor chongaibh sé n-a smaointibh d'aonne olc. Cár altramadh thu go bhfuil na droichbhéasa agat? cár tógadh nó h-oileadh thu?

altramas: *f.1.* oileamhaint, tabhairt suas óg nách clann dhlisdineach don altramaidhe. Sa tsean-aimsir cuirtí leanbhaidhe, mar clann daoine uaisle, ar altramas chun daoine eile: ar oileamhaint oideachais. Ní i dtigh mo mhuinntire féin do chaitheas m'óige bhíos ar altramas ag mo sheanmháthair: thug sí suas me agus mhúin.

altrom: *f.3.* (**altranas**) do chothughadh a's do thabhairt suas. Ná bí ag cainnt air lé h-aire a's cúram, sé m'athair altroma é: budh dhóigh leat gurb air atá mo bheatha ag brath. Máthair altroma: bean a thógas a's a oileas clann mná eile. Dob í Leabharcam máthair altroma Dhéirdre: an bhean do chuir Conchabhair Rí n-a bun chun a beartha suas a's do mhúineadh.

altughadh: *f.* (*-ighthe*) buidheachas, buidhe, guidhe nó paidear ghearr roim nó tréis bídh ag gabháil buidheachais grásta agus maitheas Dé. "Úrnaighe do múineadh im leanbh dom féin/ ar dhúiseacht, lé dúthracht ar amharc an lae/ mo ghlúin deas leigeant fúm a's altughadh chun Dé/ ar an rí d'fhuilng sciúirse a's peanaid n-ár dtaobh": bheith ag beannughadh do Dhia a's bheith ghá mholadh go mór. Ag itheadh airís agus gan leathuair ó ithis do phroinn; ocras tréis altuighthe ort: nára thúisce buidheachas tugtha agat do Dhia as an mbéile a bhíos ithte agat ná ocras ort chun béile eile. Maidean a's tráthnóna téidheann daoine maithe ar a nglúinibh ag altughadh a bpaidreacha do Dhia: ag tairsgint a bpaidreacha. A thuilleadh bídh ní bhfaighir indiugh, déin altughadh leis an méid sin: gaibh leis an méid sin agus bí sásta leis. D'éirigheadar go léir ar mbeith ithte aca agus d'óladar an deoch altuighthe: an deoch roim bhuidheachais do ghabháil ar son na béile. Ní fiú altughadh leis mar bhiadh, gann, díothbhlasta: biadh suarach nách fiú buidheachas do dhéanamh leis.

altuighim: *b.a.* bheirim buidheachas. Níl aon lá go n-altuigheann an máighistir sara suidheann na buachaillidhe scoile chun bídh: go n-abrann sé paidear ag gabháil buidheachais Dé ar son na béile a bhíos lé n-itheadh aca. Focal níor labhair sé, fiú amháin níor altuigh sé liom ar thabhairt an bhídh do: níor bhuidheachasuigh sé me. Cuir uait an t-ím sin, tá an iomad ithte agat de, altóchair leis feasda: tuilleadh ní bhfaighir.

altuightheach: *a.* buidheach, beannachtach, buidheachasach. Nuair baineadh an t-ocras de sé bhí go h-altuightheach: lán de bhuidheachas a's do dheaghghuidhe do Dhia a's don té sholáthruigh an biadh dho. Is cuma cad dhéanfainn do ní bheadh sé altuightheach liom: buidheach díom.

am: *f.3.* (*iol.* amanna, amannta) tráth, aimsir; uain, turus, eaga, linn, aitreamh, amus, faid trátha, nó cuid de thráth; ócáid oireamhnach, cao; tráth áirighthe gur thárla rud éigin nó gur mhair duine éigin, seal áirighthe. Muna luathuighir ní bheir in am bídh: beidh tráth ithte an bhídh imthighthe. Amach libh, tá sé a deich a chlog, tá an t-am (dréir dlighe nó riaghlach) istigh: tá an seal ceaduighthe nó órduighthe caithte. Ceaga den dtriúr agaibh gurb é a am labhairt anois? a uain, an tráth ceart aige labhairt. Im am-sa, dachad bliadhain ó shoin, ní bhíodh an t-aos óg ag ól toitínidhe mar táid anois: lé linn m'óige: nuair bhíos-sa im ógánach. Níl an t-am ann fós chun na n-éanlaithe do bheith ag neadughadh: níl an tráth nádúrdha den mbliadhain tagtha chuige sin. Sé an t-am an t-iarann do bhualadh nuair bhíonn sé te, dearg: an nóimint cheart chun a oibrighthe. Am caithte casóg mór an

geimhreadh: an uair go mbíd riachtanach i gcóir an fhuachta. An t-am déidheanach do chonnac é ní raibh cuma na sláinte air: an uair dhéidheanach. Bíonn a lia rud ag dul gan déanamh uaim lé ceal ama: ceal faid aimsire do bheith saor agam chun a ndéanta. An té a bhíos ag obair ó dhubh go dubh is beag am caitheamh aimsire bhíonn aige: eaga, faill. Níor thugadar am do Dia do rádh lé n-a anam, do lámhachadar ar an bhfód é: an eaga budh lugha ní bhfuair sé. Leig sé air ná fuair sé am chun scríobhtha chugham: sos ó ghéibhean oibre. An bhliadhain chéadna do chailleadh an Peárnéalach seadh rugadh mé, an t-am céadna díreach: ní budh roimis ná n-a dhiaidh é. An t-am go rabhais id leanbh bhís éiglidhe: lé linn (aimsire) duit bheith id leanbh bhís lag, dearóil. Am éigin eile nuair bheidh eaga agam air tabharfad turus oraibh: uair eile nach anois. Fán am go raibh sé fiche bliadhain do bhí míle púnt sa bhannc aige: ar shroichstint na haoise sin do. Fán am go mbeidh do ghnóthaidhe tighe curtha i gcrích agat ní bheidh eaga agat teacht ag sráideóireacht: ar rochtain deireadh na ngnóthaidhe. Thána tréis ama, ní leigfí isteach me, dúntar an áit ar a cúig: thána déidheanach: tréis na tréimhse go mbíonn an áit ar oscailt. Beir fada air, ní gádh aon oiread grithileáin, beir in am sa tráth i gcóir na traenach: beir ann go luath. Is annamh a thagann sé ambliadhna chughainn, anuiridh thagadh sé ó am go h-am: anois agus airís. Ná bíodh eagla ort im thaobh-sa bead ann in am tráith nó is mór an iongadh é, ní rabhas déidheanach fós riamh: ar an uain riachtanaigh. Ní bhíonn sé in am codlata (suain) sa tigh seo go meádhon oidhche: an tráth, an uair shonnradhach do chleachtar sa teaghlach so. Nách bhfuil sé in am codlata (suip, suain, súsa) ag leanbhaidhibh beaga anois? nách mithid dóibh dul? Garsún deich mbliadhan och! tá sé thar am scoile aige: budh dhéidheanach a chur ar scoil anois. Anois an t-am agat má tá meas fir agat ort féin: ná cuir ar gcúl tú féin do thásdáil. Anois an t-am, faid bhír óg, rud éigin do chur tharat i gcóir do sheanaoise: sid iad na laethanta ded shaoghal go bhfuil cao agat nách bhfaighir i gcómhnaidhe. Am ar bith thagann tú beidh fáilte rómhat: lá nó oidhche, moch nó déidheanach is toil leat é. Cad é an t-am ar an gclog san é? cad é an uair – a h-aon, nó a dó etc.? Cheal uaireadóra ní fheadar cad é an t-am den lá atá ann: cad é an uair; an luath nó déidheanach nó eile. Tagann am i mbeatha gach aonne go gcuimhnigheann ar an mbás: tráth nó uain nách ionann agus tráthanna eile. Tagann amanna orm go measaim go mbrisfeadh mo chnámha le tinneas: seala nách ionann agus an chuid eile dem bheatha. Tagann amanna grithileáin ar mhúinteóiridhibh ag druideam lé scrúdachán: sealanna nách ionann agus an chuid eile d'obair na scoile toisc a mbíonn breise lé déanamh aca. An fada go mbeidh a am istigh le múinnteoireacht? an eaga, tréimhse atá ceapuighthe. Ní bhein ag caitheamh ama gan tairbhe ag éileamh córa ar Shasana: ag tabhairt faid áirighthe dem shaoghal. Bímis meidhreach agus an t-am atá ann, an Nodlaig: uain áirighthe shonnradhach. An t-am go bhfeaca ná raibh aon dul agam ar í d'fhagháil le pósadh ghlacas n-a shuaimhneas é: chómh luath agus chonnac san. Tiocfaidh cabhair do chlainne in am: nuair 'sé a nádúr é, luath a ndóthain. Tabhair am do dhóthain duit féin agus dein san i gceart: ná bíodh aon deabhadh thar ceart ort. In am na ndeachadhtha bhíodh ar gach ceann tighe an deicheamha cuid de gach nidh dá mbeadh aige do thabhairt don Eaglais: an aimsir go raibh na deachadhtha dhá gcur i bhfeidhm. "Connus tá na dathacha agat?" – "amannta go maith a's amannta go h-olc": sealanna. Dá dtagadh an dochtúir chuige in am b'fhéidir go mairfeadh sé: ar an uain ghéibhinnigh. Budh cheart don mbuin a h-am do bheith istigh anois: an tráth gur cheart di gamhain do bhreith. Am pósta, iascaigh, scoile, fágála, imtheachta, suidhte. Chuala glór gránda a

chuir scannradh orm in am mhairbh na hoidhche: an tráth den oidhche go raibh suan a's suaimhneas ar dhuine a's ar rud. Am aifrinn do rádh: lé linn an aifrinn.

ámhthach: (**ámh**) *cóibh.* acht, mar sin féin, go dearbhtha, go deimhin. Níor éirigh leis an t-airgead do bhailiughadh, tréalfaidh sé airís ámhthach: dá aindeóin sin. Ní fhéadfadh sé gluaisteán do cheannach, cheannuigh sé rothar ámhthach (ámh). Ní féidir dul ar snámh, téidhimís ag siubhal, ámhthach: in a ionad. Do theip air gidh gur fear maith é, ámh (ámhthach): n-a dhiaidh san a's uile. Ámh gur fear maith thu ní labharfainn go moltach ort: mara mbeadh gur b'eadh. Lá fliuch, salach ámhthach: go dearbhtha.

ama: *b.4.* (**hama**) an cham adhmaid a cuirtear ar bhóna capaill agus go mbíonn na tairng ceangailte de; cuing dhaoirse; tromaidheacht, géirleanamhaint. Dob fhada dhúinn fén ama ag Sasana, ghár riaghalughadh mar budh mhian léi: i ndaoirse, fé dhlighthibh olca. Caith siar an braoinín beathuisce seo, téidheóchaidh sé thu agus scaipfidh an ama ded chroidhe: an ísle bhrighe. Dá fhaid fén gcuing dúinn do bhriseamair an ama sa deireadh: an daoirse. Srathar a's amaidhe aindeise ar chapall ní maith an tuar oibre é: d'fhonn oibre budh chóir iad bheith go maith.

amach: *d.bh.* ag dul fé dhéin an taoibh amuigh (an taobh is sia uait). Amach leat: imthigh as so: imthigh chun cinn. Fág amach: imthigh as an tigh, fág an bealach. D'fhág sé amach an baile nuair chonnacthas do go raibh na daoine 'n-a choinnibh: d'imthigh sé gan filleadh. D'imthigh an girrfhiadh 'san chú n-a dhiaidh an cnoc amach: suas go h-árd fé dhéin mhullaigh an chnuic nó thar ghruadh an chnuic. D'imthigh an long an fharraige amach: d'imthigh sí bhfad nó as radharc. Bíonn sé ag obair síos amach in Éirinn: síos fén ndúthaigh i bhfad as so, nó sa tuaisceart. Téidhtear síos amach sa talamh chun guail d'fhagháil: anfhada síos. Chodail sé, mar bhí sé tnáidhte siar amach sa lá: go h-andhéidheanach ar maidin. Ní tháinig sé go raibh sé siar amach sa lá: um thráthnóna. Siar amach san oidhche do thuit mo chodladh orm: anmhall san oidhche. Chuaidh an t-eiteallán suas amach sa spéir – ocht míle troigh: árdfhada. Tiomáin soir amach na caoire ón ngort: tamall maith ó bhaile. Siar amach ameasc na gcnoc ó Thráighlí tá Dúnchaoin: taisdeal fada. "Amach a chapaill, hath amach": chun cinn leat. Ná tabhair amach tu féin i dtosach an lae nó ní féidir leat faic do dhéanamh um thráthnóna: ná coir tú féin. Táim tugtha amach ag an lá: tnáidhte, cortha ar fad. Léigh amach an páipéar dom: léigh i gcómhchlos dom. Oibrigh amach annsan! táir ag righiniughadh: luathuigh ar an obair: déin breis: cuir feac ort féin. An t-uallach a bhí orm d'imthigh sé dem dhruim amach leis an mbarrathuisle do baineadh asam: thar mo cheann. "Cuir amach mo bhean chugham" ars an fear fadó lé muinntir a chéile: scaoilidh chugham í. An gcreidfeá é go raibh an Franncach chómh beag san eagla gur sheasaimh ar m'aghaidh (os mo chómhair) amach: díreach im fhiadhnaise. Chuireas mo lámh siar amach 'on pholl gur bhuail coinín liom: isteach achar fada. Chuir an dochtúir oireamhaint siar amach n-a bhéal go bhfeiceadh sé an raibh aon chómhartha aicíde ar a scórnaigh. Amach i lár an lae imthigheann an fuacht: tráth go mbíonn lár an lae go maith ann. Amach san oidhche tagann ciúnas ar an saoghal: nuair bhíonn cuid mhaith den oidhche thart. Briseadh an fhuinneóg amach samach: níor fágadh pioc di slán. Bain amach an tigh má thógann tu mo chómhairle, níl cuma ró-mhaith ort: téidhir go tapaidh go dtíd thig. Do theip air na fiacha do bhaint amach lé dlighe do bhíodar rófhada amuigh: do ghnóthughadh, d'fhagháil tríd an ndlighe. Bain

amach do chuid macánta féin ar shlighe éigin: faigh lé duadh do chur ort féin. Níor bhain sé amach riamh asam an rún do bhí agam air: níor shroich: ní bhfuair a sheilbh. Dá mbaintheá luach feidhre bróg amach as phúnt is beag a bheadh agat: dá luigheadófa fiacha na mbróg é. As go bráth liom anois go sroichead amach Áth Cliath: ní stadfad go dtí san. Go dtí so daoine muinnteardha dob eadh sinn, as so amach namhda sinn, cuimhnigh: feasda. Bain amach cloch as an bhfalla: tóg nó tairng, scar (le). Táim scriosta amach tréis na gcártaidhe: chailleas a raibh agam. Glan amach an clár dubh: ná fág aon tsalachar air. Fan uaim amach nó is tinn duit: ná druid liom. Sínfear amach ar an gclár lá éigin id chorpán thu: sínfear ar t'fhaid a's ar do leithead thu. Cuir isteach samach tuirse orm: ag dul amach thar doras a's ag filleadh ar chúirimidhe beaga, miona tighe, gan suidhe síos. Cuir an chloch san amach: ar a faid, treasna an fhalla leag í. Bainfidh an fiacladóir an fhiacal lobhtha so amach: stathfaidh sé as a h-ionad í. Bhainfeá amach tigh agus daoine éigin budh mheasa ná muinntir Ghearailt: thabharfá cuaird ortha. Is dócha gur iomdha áit bainte amach riamh agat ar do shiubhaltaibh: sroichte, buailte leat. Ní chuirfeá amach choidhche cad air go bhfuilim ag cuimhneamh anois: ní smaoinfeá go cruinn air, ní nochtfá. An raghfá amach dhom ar an scamall dubh san os chionn an oileáin: ar bh'fhéidir leat a innsint dom cad é an tuar aimsire é. An ndéanfá amach dom cad é an méid airgid atá ag teacht chugham as dachad lá oibre ar seacht scillinge ist ló? an réidhteófá dom, an gcuirfeá ar a chéile go ceart é? Daoine amach ins na bliadhantaibh ní furaisde dhóibh obair d'fhagháil: go mbíonn cuid mhaith dá saoghal tugtha. Fiche bliadhain ó shoin ní raibh aon chur amach ar chraolachán eadarbhuaise: aon eólas. An bhfuil aon chur amach agat dom ar na daoinibh gur leó an áit seo? an bhfuil a fhios agat cé hiad nó cad é an saghas nó aon tuairisc mar gheall ortha. Chuir an phóit ag cur amach é: ag úirleacan a raibh n-a ghoile. Tagann cur amach ar dhaoinibh ar an bhfairrge: breóidhteacht úirleacain. Leigeann an bannc airgead amach ar iasacht: tugaid uatha. Déin amach na cártaidhe: tabhair a cheart féin cártaidhe do gach imireóir. Cuir amach an t-airgead nó ní bhfaghair an earra: díol é. Caith amach anois an chasóg ó chuiris ort í: congaibh ort í go mbíonn sí lom gan a thuilleadh áise innte. Siubhal amach, táir an-mhall: siubhal níos tapamhla. Slánuigh amach an bhliadhain, tá seachtain eile fós uait: críochnuigh in iomláine. Glaoidh amach air, ní chloiseann sé thu: ós árd air. Buail amach dhuit féin: téidhir ar an mbán, nó fén spéir as an dtigh nó as áit éigin chlúid. Síntear amach an tigh: deintear áit an fhóta do rianadh. Leig amach leis an ndoradha: scaoil uait a thuilleadh de. Ní san mbliadhain nao gcéad déag a saoghaluigheadh é, ná dhá bhliadhain 'n-a dhiaidh, táir i bhfad amach: amugha go mór. Chuir an té láidir allus tríd amach: chidhfeá allus ag teacht. Shín sé amach a lámh don mháighistir: shín chómh fada agus raigheadh sí. Cuir amach as do chuimhne an bhean: dearmhad í. Amach as a cheann féin do cheapann sé na ceisteanna san: gan chabhair ná tafant ó aonne. Cuireann na crainn amach san earrach: péacann siad. Cuireadh amach sinn gan an cíos: chaith an tighearna as seilbh sinn. Níl an garradha ag cur amach, do mheath an síol ann: níl aon rud ag fás ann. Chuireamair amach ár líonta: shíneamair san bhfarraige iad chun iascaigh. Ceapadh ar Sheachtmhain na Cásca chun eirighthe amach: chun an riaghaltais do bhí i gceannas do chur chun catha. Luigh sé amach ar bhitheamhantacht sa deireadh: chrom sé air, chuir sé roimis. Ó theip iascaireacht orainn chaithfinn luighe amach ar shlighe bheatha éigin: ceárd éigin eile do tharang chughainn. Beidh an tír ag luighe amach ar dhéantúisidhibh feasda. Fair amach don seól san: bíodh súil n-a dhiaidh agat. Bí síor-aireach ort féin, ná beireadh aonne amach ort má fhéadair: ná faigheadh aonne lom ort. Cuir amach as do

cheann aon éileamh agat ar m'inghin, ní bhfaighir í lé pósadh: déin dearmhad uirthe. Cuirtear amach breis leabhar Gaedhilge anois 'ná mar cuirtí amach bliadhanta ó shoin: foillsightear: cuirtear ar an margadh. Ní cuirtear amach go dtín Oileán Úr an oiread éisc ó láithrigh na ronnaigh ar an gcósta san. Ní chuirfeá amach choidhche cé chonnac indé: dá mbeidhtheá ag cuimhneamh i bhfad 'si bhfad ní thiocfá ar a ainm. Beir amach ar an snáithín: níos sia ó do láimh ná atá. Suidh amach sa bhád: suidh chun tosaigh innte. Beir amach ar mo láimh: níos sia ón uilinn. Luigh amach léd mhaididhibh: sín tú féin léd bhuille: cuir breis duaidh ort féin: luathuigh. Imthigh amach tharm má tá an deabhadh go léir ort: gabh tharm chun cinn: fág id dhiaidh me. Chuaidh an cat anáirde amach ar dhrom an tighe: anáirde an fhaid a bhí ann. Dá mbeadh sé agam amach ó chroidhe gheóbhfá é: dá mbeadh sé agam in ao'chor. Amach as do ghéagaibh é! "Mo cheól thu nó oibrigh lé neart do ghéag ar fad. As do chosaibh amach é, a bhuachaill!" déarfá nuair chidhfeá duine ag rith go maith nó chun misnigh reatha do chur air. An ag imtheacht amach as do mheabhair ataoi agus dul amach ag snámh lá geimhridh: gan aon néal do bheith ag fanacht agat. Chuaidh an fear amach as thobac: d'ídigh sé a raibh aige. Bíonn an guardal amach ar an bhfarraige ist oidhche: ar fuaid na farraige. Ní bhfuaireas aon fhagháil amach ar mo dhreathair? aon tuairisc. Níl aon fhagháil amach ar airgead agam chun m'fhiach d'íoc: aon chao. An uile lá anois agam ag baint amach na h-uagha: ag druidim léi. Buailfidh an obair sin amach thu, tá sí ródhian duit: traochfaidh. Tháinig tinneas amach im dhrom: suas im dhrom (ní h-ionann so agus amach tríom dhrom). Tá cuid mhaith bhliadhan rómhat amach fós: mairfir bliadhanta móra (dréir do dheallraimh). An b'sheo a bhfuil rómham amach? lé déanamh agam. Amach, a mhadra! fág an áit gan rómhoill. [Is soiléir as an méid seo go gcialluigheann "amach" lé breithribh áirighthe treisiughadh nó breisiughadh agus lé réamhfhocal faid slighe].

amadh: *f.1.* stros, éigeandáil, cuing throm. Do laguigh an t-amadh breóidhteachta é ar nós an tsicín: duais agus duadh. Ní chlaoidhfeadh an diall féin muinntir na h-Éireann a's a rádh nár claoidh amadh Shasana iad: géirleaneamhaint a's drochdhlighthe. Lé reacht amaidh an tinneasa a bhí air ní thuigfeá focal uaidh: níor b'fhéidir leis labhairt soiléir le pian.

amadán: *f.1.* duine go mbíonn ceal réasúin air nó neart (brigh) tuigseana; aimid; duine a ghnidheas go h-ait, dithchéillidhe, neamhchliste. Ní tusa an t-amadán ach mise a phós thu: is mise go bhfuil an chuid is measa den mhargadh agam de chionn an phósta. Dhein sé amadán ar mo chosaibh díom, mé do gheallamhaint dom go mbeadh mo chulaith déanta aige lá na bainise agus cliseadh orm ar an nóimint dheireannaigh: do chuir sé díombáidh orm nách bhféadfainn do leigheas. Amadán corónta aonne a thabharfadh a chuid ar fad dá chlainn: amadán críochnuighthe. Amadán óinsighe do dhein sí díom tréis fáinne geallta do thabhairt di agus mórchuid bronntanas nuair imthigh sí lé fear eile: amadán a mealladh a's gur fealladh air go táir. "Níl aon rud is géire ná focal amadáin nó dealg lathaighe": - an dealg a thógann an chos san lathaigh ní bhriseann sé agus is minic focal amadáin chómh gonta san go ngoineann sé go dtí an bheódh. Lá na n-amadán: an chéad lá d'Abrán. "An t-amadán mór", ainm scéil. "Nách mise an t-amadán mór", deir duine nuair dheineann sé rud éigin go dearmhadach. Bím im amadán gach maidean cheal uaireadóra nó cluig chun fios an ama chun éirighthe do bheith agam. Ní h-aon amadán mise agat go raghainn ag obair duit gan fios mo thuarasdail agam: duine gan

chiallmhaireacht. Connus osclóchad an doras so, táim im amadán gan eochair: sáruighthe, buaidhte orm. Cuir díot cuma an amadáin agus téidhir i bhfeighil oibre: ná bí id stad annso mar bheadh duine nár bh'fhios cad a dhéanfadh sé. Amaidín garsúna go meallann garsúin an bhaile a bhréagáin uaidh: garsúinín gan chrích.

amadántamhail: *a.* (**amadánach, anamadánach**) [**adamántamhail**] Go h-amadántamhail chuirinn mo chuid airgid i bpóca mo chromáin, áit gurbh fhuraiste é d'fhuadach as: go neamhghaoiseach, míchiallmhar. B'amadántamhail an rud do dhuine a cheann do chur idir lánamhain pósta: ní dheaghuidh fear na dteasardhan riamh as: rud gan aon chiall. Mná adamántamhla do phósann meisceóiridhe: mná míchiallmhara. Dob é dob adamántamhla éadach dá bhfeaca fén dtuaith; hata cruaidh, casóg earbaill, bóna a's carbhat fé ag déanamh gnóthaidhe feirme: ait.

amhail: *a.* mar, ar an gcuma gcéadna, ar shlighe. Scríobh go gasta amhail atá déanta ag an máighistir ar an gclár: scríobh ar a chuma súd. Gléasann sé é féin go galánta, daor, amhail a's dá mbeadh sé lán d'airgead. Rith sé uaim amhail mar bheadh eagla nó náire éigin air: mar dhéanfadh duine go mbeadh ceachtar díobh san air. Oibrigheann sé gan stad gan sos amhail capall: mar, ar nós capaill. Ní h-amhail sinn, tá an t-aos agam-sa agus an óige agat-sa: ní mar a chéile an scéal againn. Ag béicigh 'sag órdughadh gach aonne amhail duine buile: mar duine a bheadh as a mheabhair.

amhailt: *b.2.* truth, arrachtach, fuath, ollphiast. Deirtí go dtagadh amhailt éigin ghránda a scannruigheadh na daoine amach as an loch so fadó, go mbíodh dhá cheann uirthe agus fichididhe cos: ainmhidhe úrghránda, scannruightheach. Dhearbhóchadh sé ar an bportús duit gur lean amhailt chon é aníos an clasach oidhche ag cur scaimheanna mhillte uirthe féin chuige: ainmhidhe arrachtach gránda i gclódh con. D'éirigh amhailt ag deireadh na nadhbhóige a chuir uisce n-a streallaibh anáirde san aer gur fliuchadh an fhuireann go léir: ainmhidhe ollmhór, míochúmtha nár aithnigheadar cad saghas é. Sa doircheadacht níor thugas chun cruinnis an amhailt: an rud nó an t-ainmhidhe nó an duine míochúmtha. Deirtear go bhfuil amhailteanna ar thóin na mara nách bhfeacaidh súil duine riamh agus nách dtagann in uachtar: ainmhidhthe scannramhla (níos mó agus níos conntabharthaighee ná míolta móra). Leis an suaimhneas, biadh maith a's ceal mairge do dhein amhailt de: fear mórthoirteamhail, neamhchórach. Seacht dtroighthe ar aoirde, trí fichid órdlach tímcheall a choim, fiche cloch meádhachtainte, amhailt fhir seadh é: fear míochuibheasach lé méid. Cad é an gnóth atá agat den amhailt mhadra san, gan bó ná caora ná tigh le cosaint agat? an gadhar róthoirteamhail, craosach. Amhailt chaorach, éisc, etc. Bheadh eagla orm an bóthar uaigneach san do thaisdeal im aonar san oidhche, tá ainm amhailte air: de theist air go bhfeictear fuath ann.

amháin: *d.bh.* in aonardhacht, acht, muna, go beacht, gan acht. Amháin dá mbeidhtheá ann a's gan labhairt dhéanfadh sé maolughadh ar a gcuid cainnte id thaobh: gan eile acht san. Lá amháin a's gan súil aige go sroichfeadh cabhair choidhche chonnaic sé bád ag déanamh ar an oileán: lá áirighthe. Níor airigheas an t-amhránaidhe a ainmnighir acht aon uair amháin riamh: turus. Aon nidh amháin seadh é dhuit an t-airgead d'fhagháil n-a ór nó n-a bhonnaibh: is mar a chéile é. Ní fheaca aonne amháin a iarr orm an raibh béal orm: oiread agus caonaidhe. Amháin a's nár bhuail an piléar me, bhain sé glór (gaoth) dem

chluais: ní raibh ann ach gur scaras leis. É féin amháin go bhfuil an t-eólas go léir aige, ní éisteóchadh sé le tuairm aonne eile: neach eile ach é. É do bhualadh amháin (an doras) agus thuitfeadh sé dá luadrachaibh: gan acht cnagadh air. Gach aonne do mharbhuigheadh sé bhaineadh sé na cluasa a's na súile, ní h-amháin sin ach ghearradh sé na coirp n-a gcodaibh beaga: ní fhanadh sé ar an méid sin. Focal amháin ní labharfadh sé liom pé athchuinghe do dhéanfainn air: ní osclóchadh sé a bhéal chun labhartha. É féin amháin an fear ar an uile rud, ní ghlacfadh sé cómhairle ó aonne: fear gur beag air aon duine eile do dhéanamh an ruda bhíonn ar siubhal ná comhairle chuige. D'iompuigh gach aonne dá aitheantas n-a choinnibh toisc gur channtáil sé an talamh, fiú amháin a mhuinntir féin: níor fhanadar san ach oiread caradamhail. Ní dhéanfaidh cainnt amháin an gnóth dhuit caithfir gníomh éigin foillsightheach do dhéanamh a shásóchadh mise: bheith ag brath ar chainnt gan aon nidh eile.

amhal: *f.1.* duine neamhchruinn, duine lé Dia, duine saonta. Ní deacair bob do bhualadh ar an amhal bocht: nách mbíonn géarchúiseach. Níor fhéad sé aon rud d'fhoghluim ar scoil, mar ná raibh meabhair ag an amhal: nách raibh ciall nó meabhair nádúrdha aige. Thug an t-amhal a thrí oiread ar an ngabháltas agus thabharfadh duine tuigseanach: duine soimheallta, laginntineamhail. Caitheadh é do thógaint ó scoil, ní dhéanfadh an t-amhal faic ach ag féachaint ar na fallaidhibh, ag dortadh an dubhaigh 'sag cur amach a theangan fén máighistir: garsún go raibh meabhair chinn lochtach aige. Dhein a bhean 'sa chlann amhal de ó bheith ag magadh a's ag fonmhóid fé: leathamadán.

amalóg: *b.2.* bean no cailín bog-inntineach, neamhchruinn, gan gastacht. Slighe aindeis chun áraistidhe do nigheadh ag an amalóig iad do chur in uisce fuar agus rian geire ortha: bean gan eolas ceart ar nigheachán aice. Cad bheadh in aon mhnaoi ach amalóg a chaithfeadh a h-aimsir ag cainnt leis na cómharsanaibh a's a gnóth tighe gan déanamh: bean neamhghasta. Amalóg siopadóra seadh í nách gcoimeádann cúntas i leabhar ar na nidhthibh a tógtar ar cáirde uaithe. Féach an tímcheall atá aice, na pluic a's na colpaidhe atá uirthe. Tá sí 'n-a h-amalóig lé feóil: toirteamhail, aindeis.

amalógach: *a.* amadántamhail, aimideach, neamhghlic. B'amalógach an gnóth dhi leanbh bliadhna d'fhágaint sa tigh n-a aonar: amadántamhail, gan chiall. Cailín amalógach dob eadh í agus meisceóir fir do phósadh: cailín gan éifeacht. Nách amalógach fhágann tú rudaidhe id dhiaidh go gcaithfeá an lá ar a lorg d'iarraidh a bhfagháil: neamhghasta.

amalógacht: *b.3.* neamhghliocas, neimhéifeacht, amadántaidheacht, neamhchruinneas (gnótha). Lém amalógacht d'fhágas mo bhróga ró-gheairrid don dteine tar oidhche a's bhíodar dóighte ar maidin: neamhchruinneas gnótha. Níor bhuail sé an chúig a tháinig isteach leis lé n-a amalógacht, an leathscéal a bhí aige gur cheap sé ná raibh a bualadh aige: neamhchruinneas, neamhghéarchúiseacht.

amalóir: *f.3.* duine dúr, ceann cipín. Oiread agus aon cheist amháin níor fhreagair na daltaidhe don gcigire. "Amalóiridhe seadh iad", ar seisean, leis an múinteoir. "Níor mheabharuigh an t-amalóir deich líne filidheachta agus é gabháil de ar feadh an lae":

duine dúr-inntineach. Ní chuirfeá faic isteach i gceann an amalóra san, tá sé chómh cruaidh leis an inneóin: duine domhúinte.

amanathar: arbhu ambáireach. Ambáireach a's amanathar d'eireóchadh sé as an ólachán: bhíodh sé ag síorgheallamhaint. Deirim leat ná díolfaidh sé choidhche thu as do chuid oibre is cuma cad deir sé, níl aige ach "ambáireach a's amanathar": ghá chur ar athlá, ar an méir fhada. "Déanfad ambáireach é" – "déanfair agus amanathar": ní chreidim go ndéanfair ná go bhfuil a fhonn ort.

amaoile: *b.4.* faillighe, siléige, manaois. Do rug amaoile éigin air a's a dhéidheanaighe tá sé: faillighe, nó chongaibh rud éigin é gan teacht in am. Chuirfeadh iomchar an bhirt thruim sin amaoile orm: mhoilleóchadh sé me im choisidheacht. Ní bhfuaireas dul ag múineadh ambliadhna ann, gearánadh ar m'amaoile, i dtaobh Béarla agus tráthamhlachta: mall, siléigeach ag teacht chun oibre agus ceal aire cheart do thabhairt do mhúineadh Béarla. Amaoile na gclódóiridhe d'fhág an oiread dearmhad id leabhar: neamhchúramacht an lucht clóidh. Ní lé n-a neamhshlactmhaire oibre do briseadh é ach lé n-a amaoile: ceal dúthrachta a's dícheallachta. Má dheinir amaoile i ndíol cánach an teachta isteach cuirfear an dlighe ort: má dheinir siléige, mara mbíonn díolta agat.

amaol: *a.* siléigeach, manaoiseach, failligheach, leasc, dúr. Scuireadh é ar feadh leathbhliadhna é, déidheanach ag teacht chun oifige, ag caitheamh tobac ar a chuid oibre, gan freagra do thabhairt ar leitreachaibh tábhachtacha, amaol ar gach bealach: siléigeach, neamhchúramach. Táim amaol i dtaobh na leitreach a fuaireas ón ndligheadóir ag iarraidh orm teacht chun a oifige: níor dheineas corruighe fós. Ceagaibh is amaoile tusa gur leat an áit seo, nó tusa a shaoiste, a leig d'bhur bhfuirinn cléireach an áit do shlad: is lugha aireachtainte ar bhur ndualgas. Connus eireóchadh lé feirmeóir amaol mar é déidheanach ag cur an tsíl, déidheanach ag baint a bharraidhe: mall, neamhphraitineamhail.

ambáireach: *d.bh.* an lá so chughainn, an t-athlá, an lá n-ár gceann. "Má bhuadhann sé an duais mhór ar an gcrannchur, tabharfaidh sé chúig mhíle dómh-sa" – "tabharfaidh ambáireach, bí ag faire air": is fada ó n-a chuimhneamh é. Má bheireann an lá ambáireach orm-sa beidh malairt dlighe sa tigh seo: má mhairim-se go dtí an lá atá ag teacht: gan a thuilleadh moille.

amharc: *f.1.3.* radharc, feicsint, léas, dearcadh. Níl amharc agam ó bheith d'iarraidh léigheamh san amhdhoircheacht: ní féidir liom faic d'fheicsint. Má gheibhim amharc ort annso airís díolfair as: má chidhim tu oiread a's leathuairín: díreach tú d'fheicsint. Imthigh as m'amharc, tá an ghráin agam ort: imthigh uaim agus ná feicim airís thu. Ar amharc an lae (lé h-amharc an lae) d'eirigheas: chómh luath agus b'fhéidir, céadghealadh an lae. Ní thuirseóchainn choidhche de bheith ag amharc ar an mnaoi áluinn sin: bheith ag dearcadh uirthe. Amharc géar a bhéarfadh chun cruinnis an ball beag a bhí ar íoghair na spéarach: solas súl. Budh dhuairc an t-amharc an bhaintreabhach os chionn a cúigir cloinne sínte marbh os a cómhair: an radharc. Ní bhainfeá amharc mo shúl díom, a áiteamh orm ná h-aithneóchainn coinín ó ghirrfhiadh: ní thiocfá treasna orm ar rud atá chómh soiléir sin agam. Féach ort féin, a leinbh, lán de shalachar, do bhróga, do chuid éadaigh, t'aghaidh, amharc seadh thu: rud gur fiú féachaint air. Tréis seachtmhaine

siubhalóide thángamair in amharc an oileáin: go raibh an t-oileán le feicsint. Tá Beann Éadair in amharc Átha Cliath: is féidir an bheann d'fheicsint as. Cnapáinín mar faithine a bhíos ag béal airm teine chun a dhírighthe. Mór an náire dhom é ná deaghaidh ag amharc na ndaoine breóidhte: ar a dtuairisc. Ó, duine maith, ag cur na marbh a's ag amharc na ndaoine breóidhte ag dul ar a dtuairisc. Connus taoi in ao'chor, ní bhfuaireas amharc súl (mo shúl) ort: níor tháinighis fé léidh mo shúl oiread agus leathnóiminte. Mo thruagh thu má gheibheann sé amharc ort: má chidheann sé thu. Is taithneamhach é amharc farraige lé linn dul fé don ngréin: radharc, taidhbhseamh na farraige. Ní h-é nách dtabharfadh sé dhom é ach ní thabharfadh a amharc dom: leigeant dom féachaint air. Shuidheadh an bheirt againn an lá ag amharc na mara fé n-ár mbun: ag féachaint 'sag machtnamh. Néal amhairc níor fhág an splannc im cheann: spearbaill orm ná féadfainn an doras do bhaint amach: bhain sé solas na súl ar fad díom. Ar meisce? ní raibh amharc aige: ní fheicfeadh sé faic. Amharc céille níl fágtha agam ag mo chloinn ag lorg airgid orm chun peictiúiridhe: rian, pioc. "Le h-amharc an lae dhul uainn": agus an lá ag géilleadh don oidhche. Amharc air ón lá san ní bhfuair sí: d'imthigh gan fios gan tuairisc d'fhagháil air. Gan amharc bídh ná teine acu: oiread agus go bhfeiceadh do shúil é. Tabhair-se amharc ar an rud so atá ag dul dinn go léir: scrúduigh é. Dá bhfaigheadh sé amharc na bhflaitheas ní bheadh sé sásta: budh chuma cad gheóbhadh sé ní bheadh sé sásta. Lucht amhairc na peile, lucht amhairc a bháidhte: na daoine a bhí i láthair agus a chonnaic na nidhthe sin. Ní bhíonn amharc ag cat ná circ ist oidhche: bíonn ceal radhairc ortha. Bhaineas amharc mo shúl as: d'fhéachas air go maith.

amharcaim: *b.a.* cidhim, féachaim ar, tugaim fé ndeara go cruinn, scrúduighim, tugaim cuaird ar. Ní amharcaim rud ar bith sa treóir a deirir: ní fheicim faic ann. Amharc ar do chuid oibre, chuirfeadh sí náire ar aonne: féach agus scrúduigh í. Níor amharc sé bé budh thaitneamhaighe leis ná í: ní fheacaidh sé n-a shúilibh cinn. Amharc ar an méid atá le rádh agam leat go ndeinteá mar is ceart: tabhair fé ndeara go cruinn. Téidhir agus amharc an púncán: tabhair cuaird ar an té atá tréis fillte ón Oileán Úr. Amharc lán do shúl me: scrúduigh go maith me.

amarrán: *f.1.* éigean, anródh, mío-ádh, callóid. Ní h-é seo an chéad uair agam-sa rud tubaisteach d'eirghe dhom, tá an t-amarrán riamh im dhiaidh: an mío-ádh. Briseadh na báid, scuabadh triúr de bhórd, d'éag an captaen, nách ar an luing do rug an t-amarrán: anródh. Dar leis na feirmeóiridhibh gur amarrán éagcórach ortha cáin ar an eallach ag dul thar lear: éigean, tromaidheacht gan cheart. Thugas an oidhche ar fad ar amarrán im léine fén mbáistigh a's fén bhfuacht: callóid, in éigean. Níl sráid ar an mbaile ná go bhfuil fiacha air ann, nách é fear an amarráin é: míoádh.

amas: *f.1.* cao, lom, uain fhailligheach (ar), tuairm; seáp, sciúird. De dheascaibh an tseaca ní bhfuaireas amas ar theacht mar nách bhféadfainn siubhal: cao. Gidh go bhfuair Cearpantaor fiche amus ar chorrán an Díomsaigh chun a bhualadh ar a thoil agus gur bhuail, níor chuir sé mairg ar bith air: uain fhailligheach – ná raibh an Díomsach ar a chosaint i gceart. Chailleas amus ar an liathróid a's cao ghlan gan chosc i mbéal an bháire ná rabhas praitineamhail chun a buailte: cao ar chur isteach. Dá fheabhas aire thugas dom féin fuair na bitheamhnaigh amus orm nuair fhágas doras an taisce ar oscailt lé dearmhad: lom: uain neamhaireach. Díreach agus an gluaisteán ag gabháil thar an árdán thug sé

amus ar léimeadh air: thug sé iarracht. An freagra do thugas ar an máighistir ní raibh ann ach amus mar nár thuigeas a cheist: tuairm, urchar in amhras! Thug sé amus duirn orm sa tsróin: d'ionnsaidh sé sa tsróin me lé n-a dhorn. Thugas amus sa doircheacht ar lámh do chur n-a phóca: iarracht i gan fhios. Cloisim go mbír ag tabhairt amais ós íseal orm, ag cur dímheasadh orm ag mo cháirdibh: d'iarraidh mo dhíobhála do dhéanamh go foluightheach. Tabhair amus dom ar an dteine sin go dtéidhead me féin: leig dom dul n-a h-aice. Gheobhaidh an ghaoth amus ar cheann an tighe, tá an tslinn ar bogadh in áit ann: cao ar an gceann d'fhuadach. Ainmhidhe róghlic seadh an mada ruadh chun amais d'fhagháil air: cao bheartha d'fhagháil air: breith amuigh air go bog. Fuair an long amus ar an gcuan sa stoirm: ciúnughadh beag éigin gurbh fhéidir léi teacht isteach.

amás: *intreach!* deirtear so lé h-iongadh, díchreideamhaint nó dearbhacht. "Ní fhágfad an ball so d'aon fhear is cuma cé" - "amás, fágfair": go deimhin fágfair (más gádh, ded aindeóin). "Tá clann óg sa tigh seo amuigh ó airéir" – "an bhfuil amás?": an bhfuil go fírinneach? "Tá mo bhean imthighthe uaim" – "amás, níl": ní chreidfinn é.

amhas: *f.1.* duine beag ar nós leinbh go mbíonn inntin míoscais ortha: na daoine maithe (sidheóga). Ní fada go mbeidh na h-amhais ag filleadh ó scoil: na leanbhaidhe óga is deacair do choimeád fé smacht. Na h-amhais do bhíonn agam-sa dhá mhúineadh: na leanbhaidhe is óige agus is lugha. Dhearbhuigheadh sé go bhfeiceadh sé amhais n-a thímpeall siar san oidhche: daoine beaga miona ag déanamh mearbhaill dho a's ghá chur amugha. Amhais dob eadh tuatha luchra agus lupracháin ná raibh troigh aoirde in aonne aca: daoine miona, suaracha. Bhain amhais éigin mo mheabhair díom ar fuaid an tighe i rith na h-oidhche ag déanamh glóir: sidheóga nó daoine nách ón saoghal so. Amhais na sráide: gárlaigh a's óga.

amhasach: *a.* tuairmeach; caothamhail, ádhmharach. Thug sé caitheamh amhasach fé dhéin na saighdiúiridhe: chuaidh sé i leith a mbuailte, chaith sé urchar ná raibh sé deimhnightheach a bhuailfeadh aonne. Fuaireas uain amhasach ar theacht treasna ón oileán: caothamhail ó stoirm nó i mbád (gan choinne leis). Is go h-amhasach d'eirigh liom: lé h-ádh agus ní lém fheabhas. Níl sé deimhnightheach in ao'chor gur tú a thóg a hata, buillidhe amhasacha atá dhá thabhairt aige: buillidhe fé thuairm: ag déanamh boghaisínidhe.

amhasóir: *f.3.* duine nó ainmhidhe fíochmhar. Ní maith an chuideachta amhasóir (fir), bíonn sé ró-challóideach: bruigheantach. Amhasóir madra ná leigeann aonne tharais gan snapadh air, lámhach é: madra crosta, míneáireach.

amhastar: *f.1.* sceamhghail mhadra, uallfartach. Béas ag madraidhibh bheith ag amhastar ar an ngealaigh: ag béicigh. Chuala amhastar go soiléir: glór madra.

amhastarach: *b.2.* uallfartach, sceamhghal; ag béicigh a's ag tabhairt íde do dhuine. Madra so na h-amhastaraighe caithfead scaramhaint leis, bodhrann sé na comharsain: ag uallfartaigh sag béicigh. Chuirfeadh a chuid amhastraighe aonne n-a choinnibh, ag síorfhagháil lochta: giobaireacht mhíoshásta a's sclamhghail ná déantar aon rud i gceart,

nó chun a thola. An bhfeacaís riamh moltach sásta é ach ag amhastaraigh: ag cáineadh a's ag tabhairt íde bhéile do go h-aonne.

amhdhoircheacht: *b.3.* athsholas, crónträth, clapsholas, eascar lae a's oidhche, breacsholas, camhaoir. D'imthigh sé chun bóthair leis an amhdhoircheacht: sara raibh an lá breactha. Bhain amhdhoircheacht an tráthnóna an t-oileán díom: tuitim na hoidhche. Moch? ní moch go dtí é, ní fheicfeá do lámh san amhdhoircheacht: ní raibh sé thar tosnuighthe ar ghealadh. Las an solas tá sé n-a amhdhoircheacht: gan solas ní féidir rudaidhe d'fheicsint go soiléir, tá an lá chómh déidheanach san.

amhfhuinnte: *a.* fuinnte, bacálta go h-olc. Stadfadh an t-arán amhfhuinnte seo i ngoile aonne: nách bhfuil bacálta n-a cheart. Ballóga amhfhuinnte ná tóg go fóill iad.

amhgar: *f.1.* ceal gan sásamh, iomard, ciotaighe, ocras. Bíonn amhgar bídh ar fhaoilin go dtugann sí an lá ag soláthar: cuid mhór do shásóchadh í. Níl aon amhgar ag baint duit mar cheapaim: ceal aon nidh ort. Toisc stailce na ngualadóiridhe deir na ceannaidhthe go bhfuil amhgar guail ortha: ganntaine. M'amhgar! gur fhágas riamh an baile, mar is beag atá dá bharr agam: mó bhrón! Dréir do dheallraimh níl aon amhgar ag breith ort: ceal nó easnamh bídh. Bliadhain amhgair do dhéanfaidh sí seo, do theip na barraidhe: beidh uireasbhaidh ar dhaoinibh. Níl aon nidh rófhlúirseach againn ach a bhuidhe lé Dia níl aon amhgar orainn: níl aon rud chómh gann san a's go bhfuil ocras ná iomad ceal orainn. Do dhein cogadh mór agus a iarsmaidhe tír amhgair den nGearmáin ar feadh i bhfad: d'fhág sé ar easnamh gannaidhe na beatha iad. M'amhgar é Seán do bheith bocht: goilleann sé go trom orm. Nuair chonnac iad agus an bórd mór-bhídh mór-óil a bhí os a gcómhair 'sé dubhart, "a bhuachaillidhe, níl aon amhgar oraibh": tá saoghal ceart agaibh. Níor bh'amhgar dom gur phósas: ní raibh an drochshaoghal agam go dtí san: is annsan do thosnuigh gach iomard. Ní chuirfidh sé aon amhgar ort púnt do thabhairt ar iasacht do: ní dhéanfaidh sé aon chiotaighe mhór dhuit. Lom amhgair: duine gan aon speilp sa tsaoghal, dealbh amach 'samach: leaghadh Dia: duine neamhbaileach ar fad, neimheirightheach. Do phós leaghadh Dia is lom amhgair: an bheirt is deilbhe, is neamhchríochnamhla, míoádhmharaighe.

amhgarach: *a.* easbhaidhtheach, ocrach, árd-aindeis. Aistrigheadh na daoine amhgaracha as na drochthighthibh amach ar imeall an bhaile: na daoine gur bhocht é a n-aiste agus gur bh'aindeis é a n-áit chómhnaidhthe. Daoine dob amhgaraighe ná iad ag itheadh na nglasraidhe le gorta níor bh'fhuraiste d'fhagháil: daoine ocracha, fuara, droichéadaigh. Tháinig cuma amhgarach lé déidheanaighe air ó chaill sé a shlighe bheatha: cuma easbaidhtheach, dhealbh.

amhlabhair: *a.* balbh, maon, gan úrlabhra, múchta (leitreacha), tostach. Ná bí amhlabhair nó ní bhfaighir aon fhaic, cuir tú féin in iúil: ciúin, neamhchainnteach. Ná bíodh súil lé freagra agat, tá sé amhlabhair ó rugadh é: balbh gan chainnt. Bíonn na leitreacha seo amhlabhair as Gaedhling uaireannta, "c" i ndiaidh "g", "b" i ndiaidh "m", "d" i ndiaidh "n", "f" i ndiaidh "b", "p" i ndiaidh "b", "t" i ndiaidh "d", "s" i ndiaidh "t", etc.: cailleann siad a bhfuaim: múchtar iad.

amhlabharthach: *a.* snagach i gcainnt, totbhéalach. Budh bhreágh an cainnteóir do bheadh ann mara mbeadh é bheith amhlabharthach, andhoiléir bhíonn sé go minic: stad nó snag nó tot n-a ghlór. Ní raibh aonne den líon tighe chéadna ná raibh amhlabharthach: go raibh stad n-a n-úrlabhra.

amhlabhra: *b.4.* droichrith chainnte, mílíomhthacht, neamhshnastacht [conntrárdha an fhocail seo, uchtach]. Bheadh a chuid áitimh níos éifeachtaighe mara mbeadh a amhlabhra: moille agus neamhshoiléire a bhriathar. Ciotaighe mhór do mhúinteóir seadh amhlabhra: stad agus doiléire.

amhlachas: *f.1.* deallramh, cosamhlacht, cóip, cómhchlódh. Téidhir ag troid let amhlachas, a spreallaire: a dhuine gan mhaitheas téidhir ag achrann léd lithéid féin. "Cad é an saghas fir atá ann?" – "tímcheall le t'aoirde-se agus an téagar céadna agus aos; t'amhlachas féin d'fhear": fear ar do chuma féin. "An caillte fuairis an peann san? do bhí a amhlachas agam agus chailleas é": peann díreach mar é. "Braithim an-bhreóidhte lé seachtmhain" – "tá a amhlachas san ort, báidhte, lom": cuma na breóidhteachta ort. "T'amhlachas níl lé fagháil fé cheithre árdaibh na h-Éireann: duine mar thu. Ní bhead sásta le amhalachas mo hata, caithfead an hata féin d'fhagháil: cómhchlódh an hata. Ní dócha go mbeidís sásta leat mar cheoltóir, ní h-aon mhaitheas dom tu chur mar amhlachas: mar fhear ionaid. Amhlachas ubhall, d'íosfá dosaon díobh: rudaidhe beaga, miona, críocháin mhealluighthe.

amhlaidh: *d.bh.* mar é, ar an gcuma so, an céadna, mar sin. "Go dtugaidh Dia Nodlaig mhaith dhuit" – "gurb amhlaidh dhuit": guidhim-se Nodlaig mhaith duit-se leis. Is amhlaidh do fuairtheas marbh sa díg é, ní n-a leabaidh fuair bás: seo mar bhí an scéal agus ní ar chuma eile. An bhfuil sé ag cur dhrúchta? tá sé amhlaidh: tá drúcht ann gan amhras. Tógtar falla annso agus cuirtear geata air, beidh sé amhlaidh: déanfar mar órduighir. Scúightear na cártaidhe n-a gcúig gcodaibh – bíodh amhlaidh: deintear mar sin. Nuair chuala sé gur bádhadh a mhac is amhlaidh do gháir sé (in ionad guil mar bheadh súil agat le), d'imthigh a chiall uaidh ar an dtoirt: is é slighe thárla gur etc. Do h-iarradh orm teacht gan mhoill, amhlaidh sin do chuireas mo chuid aistrighthe i gceann a chéile agus ghluaiseas: dá chionn san, de bhrigh an iarratais sin. Fógradh do chúig míle dealar do chur fé scairt áirighthe, gan san do bheith amhlaidh, ná fillfí a mac fuaduighthe uirthe: muna ndéintí sin. Dá fhuaire bhí an lá is amhlaidh dob fheárr leis bheith lasmuigh: is ar an gcuma chéadna. Níl dá mhéid saidhbhris a tháinig dóibh nách amhlaidh budh lugha féile: sé mar bhí aca lé méadughadh a saidhbhris go ndeaghadar i ngortaighe. Ní h-amhlaidh go mbeadh eagla ort fanacht san tigh uaignigh sin it aonar ist oidhche? is amhlaidh sin: an mar atá go bhfuil eagla etc.? - seadh. Budh chóra dhóibh na daoine bochta d'aistriughadh ar ghabháltas fagháltaiseach agus gan bheith ag déanamh truaigh dóibh san bhfiadhantas neamhfhagháltasach so; is amhlaidh é: sin é díreach an rud do dhéanamh in ionad maoithneachais do bheith dóibh.

amhmhaoin: *b.2.* scabhárd, tathag (fén dteangbháil). Soc caithte seadh é gan aon amhmhaoin ná treabhadh ach go h-olc: gan é bheith láidir go leór: gan tathag oibre. Nuair rug an dochtúir ar láimh air ní bhfuair sé aon amhmhaoin n-a ghreim: aon tathag, níor thug an duine eile aon iarracht ar a lámh do mhotháilt. Chonnaic sé clódh mar bheadh

fear, thug sé amas dá sciain air ach ní bhfuair sé aon amhmhaoin ann, ní raibh ann ach scáth: tathag, dlús. B'fhuraiste cos na scine do bhriseadh mar ná raibh amhmhaoin innte: caol, caithte: neart seasta. Ní thagann síon ná tagann slaghdán air, níl amhmhaoin fuachta ann: neart fulaing fuachta.

ámóg: *b.2.* (**hámóg**) leaba mar bhíonn i luing, leaba chrochta. Ní leabaidh í seo ach ámóg: leaba neamhshocair: luaisceann sí.

ampall: *f.1.* (**ampla**) cíocras, airc, guilm. Táim im throsca le dhá lá, tá tart, ampla agus íota orm: an oiread san cíocrais bídh agus dighe go n-íosainn agus go n-ólainn aon rud. Do mhairbh an t-ampla é: scannruighthe chun na saoghaltachta. Chuaidh cnámh éisc n-a scórnaigh leis an ampla: an fonn mór, neamhaireach (cíocras) a bhí air chun ithte. "Nár imthighidh an t-ampla dhíot", deirtear lé duine go mbíonn fonn bídh nó dighe air. Níl leath a dhóthain bídh n-a thómhas, ní ocras bhíonn air siúd ach ampla: cíocras is deacair do shásamh: airc mhíochuibheasach. Níor fágadh ainmhidhe gan ceannach ar an aonach leis an ampla a bhí ar na ceannuightheóiridhibh: dúil agus fonn chun stuic.

ampar: *f.1.* míthreóir, aiste, stáid nó stuidéar aindeis, aindeise. Chuir an gála agus an fharraige ampar ar an luing: míthreóir, ní fhéadfadh sí leanamhaint dá slighe. Is fada fhágfaidh an leagadh úd ampar air: aiste ghoirtighthe: beidh sé gan aon áis ar feadh tamaill fhada. Bheadh ampar éigin orm mara dtagainn: aindeise éigin a choiscfeadh me. Tá ampar ort 'ge feóil: chómh borrtha nách bhféadair siubhal mar is ceart. Mara mbeadh ampar airgid do bheith orm do thabharfainn cuaird ar an bhFrainnc: coisceann a cheal me.

amparach: *a.* míthreórach, neamhghasta, neamhchríochnamhail. Rud amparach d'aonne seadh bheith feólmharach: aindeis, tuathalach. Chaith sé sé mí go h-amparach ar chnámh a chúil gan eirghe aniar: go míthreórach: ní raibh ann corruighe. D'fhágas me féin go h-amparach nuair dhúnas an doras orm féin a's gan eochair agam: d'fhágas me féin ar aiste nách bhféadfainn teacht isteach airís. Ní scuabann sí, ní nigheann sí, ní fhuaghálann sí, bean amparach í: neamhghasta, straoilleach.

amparán: *f.1.* duine neamhphraitineamhail, straoilleach. Seachaim uaim, a amparáin: a dhuine gan anam, gan tapa. Ní shroichfeadh an t-amparán san an Daingean (deich míle) de shiubhal lae: aindeis, míothapaidh. Amparán gabhann seadh é nách bhfanann crúdh anáirde 'n-a dhiaidh seachtmhain: gabha tuathalach, dítheólais. Níl aon amparán ná cuirfeadh cnaipe ar chasóig do féin: níl aonne chómh tuathalach, dall san ná féadfadh gnóth chómh sonaoideach san do dhéanamh. Léan ort, a amparáin: cad chuige dhuit an solas do leagadh; a dhuine dhaill nách bhféachann rómhat. Féach ar an scríobh atá ag an amparán: duine neamhshlachtmhar leis an bpeann. Táir annsan, a shaoir, a's t'amparán thiar ort: do mhála oireamhaintí ar do dhruim.

amplach: *a.* cíocrach, sainnteach (sanntach), guilmeach, dúlmhar. Is amplaighe ag itheadh thú ná cráin mhuice: is mó deabhadh agus dúil thu. Ná bí leasc, mar táir i gcuibhrean cuideachtan amplaighe: bíodh do chuid agat chómh mear le duine, mar tá daoine istigh leat nách iontsásta le cion fir do bheith aca. Nár bh'amplach an siopadóir (chun airgid) í, fiú amháin an fheoirling ruadh ná leigfeadh sí leat: sainnteach

(sainnteamhail). D'fhear mhór níl sé amplach: ní deacair é do shásamh. Ní raibh an t-iasc ró-amplach, a Thaidhg, ní fheicim aon tseilg agat: ní raibh breith (fonn beartha ar an mbaoite) air. Thug sé fén mbiadh go h-amplach: chuaidh sé i bhfeighil ithte agus craos air. A thuilleadh talmhan atá uait, ná bí amplach: sainnt chun a thuilleadh. Dá amplaighe thu cuirfidh an bórd so ó ligheadh thú: ar ocras bheith ort agus fonn neamhghnáth beidh biadh siar síos annso tréis do shásta. Ainmhidhthe amplacha – muca, coinínidhe, etc.

amplachán: *f.1.* canntalaidhe, craosaire. Bheadh sé ag itheadh mara mbeadh an biadh do thógaint uaidh go ndéanfadh sé amplachán de féin: craosaire: d'íosfadh sé an t-aimeón. Bíonn a ladhar san uile rud aige d'iarraidh a chúbláil chuige an t-amplachán: canntalaidhe, ag bailiughadh chuige nidhthe nách mbíonn mórán córa aige chúcha. Amplachán búird seadh thu: fear a bhíos breis den uile rud a bhíos ar bhéile do bheith aige féin. Amplachán bainbh: banbh go mbíonn gach sine uaidh. Amplachán coileáin, amplachán leinbh.

amplóir: *f.3.* duine sanntach, sprionnlaithe. Amplóir muilteóra dob eadh Tadhg na h-olna, dian ar a rochtairidhibh, neamhchaitheach 'n-a shlighthibh: duine caol, baileach. Bheadh náire orm bheith im amplóir mar thu: scannruighthe chun an tsaoghail.

amhrán: *f.1.* iarracht fhilidheachta go mbíonn cómhfhuaimeacht idir focalaibh ann, gurb ar a usacht a guth do chur air; ceileabhradh; canadh. Abair amhrán: can. Duine gan amhrán seadh me: ní féidir liom canadh, nó guth cheóil do chur ar aon fhilidheacht. D'fhiafruigheas de míle uair an raibh aon tuairisc aige ar cé mhairbh an fear, ní bhfuaireas uaidh ach amhrán an bhéil dúnta: bhí sé go coimeádach air féin (n-a chainnt). Lean sé ghed cháineadh go dtí go ndubhart leis gan amhrán do dhéanamh de: sians do choimeád air: aithris agus aithris agus athaithris. Sé a amhrán ó Luan go Satharn go bhfuil sé bocht: is beag rud eile bhíonn ar siubhal aige seachas an béal bocht. Seo deoch nách gcuirfeadh (a chuirfeadh) ag amhrán thu: deoch neimhspreagthach. Tháinig na feirmeóiridhe chun an Aire ag lorg cóganta, a's a amhrán féin ag gach aonne aca: a ghearán fé leith féin. Déanfaidh an oidhche anocht oidhche amhrán: oidhche ghrinn a's suilt. Tá bróga ar amhrán anois: an-shaor: ar mhargadh an tseanchorcáin. Cas amhrán: abair amhrán. Lucht amhrán seadh lucht óil: is briosc chun amhrán do rádh iad. Tá amhrán ag an abhainn: glór árd le linn ciúnais nó atharrughadh aimsire do bheith ag teacht.

amhránaidhe: *a.* duine nó éan a chanas, ceólaire, ceólaidhe. Amhránaidhe binn a bhainfeadh an ceódh ded chroidhe: gabhálaidhe a chasfadh a ghuth go hiongtach. Amhránaidhe ceólmhar an fhuiseóg.

amhras: *f.1.* mearbhall, neamhdhearbhacht, neamhdheimhnightheacht, mearaidhe, teannta, imnidhe, neimhiontaoibh. Níl aon amhras orm (agam) i dtaobh an té bhí ann, chonnac go soiléir é: mearbhall inntine, táim deimhnightheach de. Nílim san amhras ar aonne cé ghoid mo chuid airgid: nílim ag cuimhneamh air seo ná air siúd gurbh é do dhein é. An bhfuilir san amhras orm gur me a scrígh an leitir bhagarthach? an saoileann tú go bhfuilim cionntach? Táthar in amhras ór do bheith i gCill Mantáin: tá tuairm (gan bheith deimhnightheach) go bhfuil ór sa talamh ann. An mbeidhfeá in amhras

conntabhairt do bheith san ngaoith sin? an saoilir nó an gceapair go bhfuil. File in amhras in fheabhas a eólais ná cuirfeadh chun dáin do cheapadh: go raibh faitchíos air ná beadh ar chumas dán a dhiongmhála do cheapadh. Níl aon amhras agam cad é an chiall atá leis an bhfocal deacair seo: níl aon tuairm, ní fhéadfainn aon iarracht lé cinnteacht do thabhairt air. Níl amhras ná gur mhaith an Gaedhilgeóir an t-Athair Ó Duinnín: níl aon neamhdhearbhthacht n-a thaobh. Ní rabhas deimhnightheach go mbeidhtheá rómham, thána ar amhras: lé h-ionchas, lé súil go mbeidhtheá. Anois an t-am agat má tá aon amhras fir agat ort féin: má tuigtear duit gur fear maith thu. Ní bheadh lá amhrais agam ar fhear mhacánta mar é: ní chuimhneóchainn go ndéanfadh sé aon nidh mícheart. Ar an slighe aireach do bhí sé ag cainnt gan éachtaint do thabhairt dom d'fhág sé i bpoll an amhrais me: ní fhéadfainn talamh slán do dhéanamh as a chuid cainnte, ní fhéadfainn bheith dearbhtha. "Imireóir maith seadh é" – "m'amhras é": sin é tuigtear dom go láidir. Toisc na drochoidhche agus ná raibh na h-iascairidhe ag filleadh, chuir sé in amhras me: in imshníomh. Gaedhilgeóir maith gan amhras dob eadh an Céitineach: ní h-aon tuairm é ach deimhin. Ná tagadh aon amhras ort ná go gcuirfeadh leómhan eagla ar aonne: ná saoil ar chuma ar bith. Nách aice atá an t-amhras uirthe féin: ní beag aice í féin. "Níl fear i nDuibhneach is treise ná is lúthmhaire ná mé", ar seisean - "is mór an t-amhras a leath", arsa feairín 'gen a chluais: creidsint, a bhreitheamhantas féin. "An fear maith é" dhá fhreagra deifreacha ar seo: m'amhras é (nuair bhíonn an bhéim ar an ainmfhocal cialluigheann sé nách é do thuairm láidir, agus ar an bhforainm cialluigheann sé dearbhacht). Éireannach maith dob eadh an Peáirnéalach, m'amhras é: sin rud do chreidim go diongmhálta, m'amhras é: ní bheinn ró-chinnte de: d'áiteóchainn n-a choinnibh. Bhíodh amhras airgid air: ceaptí go raibh airgead aige. Toisc é bheith i gcómhnaidhe i gcuideachtain na ndubhchrónach caitheadh amhras spiaire air: tháinig na daoine ar aigne go mbíodh sé ag breith scéalta chucha. Luigh amhras an bhitheamhnaigh air nuair fuairtheas iomad earraidhe n-a thigh: b'shin é creidsint na ndaoine. Tá amhras ar an aonach so chughainn: tá súil na ndaoine anáirde go mbeidh sé go maith.

amharasach: *a.* (**amharastamhail**) neimhiontaoibheach, tugtha do bheith mí-iontaoibheach, domhuinghineach, deallramhthach. Ná tabhair aon chao dho ar do dheáibhreachaibh faid bhír d'iarraidh dorais an phríosúin d'oscailt mar fairtheóir amharastamhail é: duine gur furaiste leis a mhachtnamh go mbeadh rud mícheart ar siubhal. Nuair chonnac ag rith na daoine chun an tighe bhíos amharastamhail go raibh rud éigin neamhghnáth i dtreis: buaileadh im aigne. Budh léir dom ar an slighe bhí sé ag beartughadh, ghá fhiafraighe so a's ghá fhiafraighe súd díom connus chaitheas m'óige go raibh amharastamhail orm nách go maith é: ná raibh muinghin chóir aige asam. Daoine amharastamhla iad, duine éigin aca os chionn na gcléireach, an uile uair den ló: ghá smaoineamh go ndéanfí a ndíobháil a's iad ar éagmais. "Cé bhuadhfaidh an rás so?" – "tá capall amharastamhail agam-sa": tá sé deallramhthach.

amhascarnach: *b.2.* cómhrac lae 'gus oidhche, fuinneóga an lae, tuitimín oidhche. An amhascarnach do chuir abhaile ón ngort é: ag obair go dtí ná feicfeadh sé feasda cad bhí dhá dhéanamh aige. Chuir an amhascarnach óm aithne thu: an oiread san doirchidis ná h-aithneóchainn thu.

amhtais: *b.2.* aindeiseóir, amallach, duine aimilithe. Amhtais capaill ná déanfadh treabhadh ná tarrang ar feabhas, ag stad, 'sag cúladh, 'sag dul cam: tuathalach, fiche cloch meádhachana, mórbholgach, mórchosach. Amhtais coisidhe dhéanfaidh sé: tuathalach, aimilithe, míothapaidh, neamhéascaidh. Leag sí, an amhtais, an tualán uisce uirthe féin: bean (cailín) neamhaireach. Shaoileas nách léimfeadh amhtais mar é an abha: duine trom, neamhdheallramhthach. Caith díot na bróga troma, tairngidhe sin, táir it amhtais aca: ceangailte den talamh, coiscid do thapa.

amugha: *d-bh.* ar seachrán; in aistear; gan toradh. Chuaidh an long amugha sa cheódh gur bhuail sí ar fhochais: as a bealach. Cuireadh amugha sa cheódh mé ar an gcasán: d'fhágas an rian a theastuigh uaim. Chailleas uaireadóir breágh tráth ar an gcnoc san, níor airigheas go bhfuair aonne amugha riamh: caillte. Duine leibideach seadh me, téidheann gach aon rud riamh agam amugha orm: imthigheann siad gan tuairisc a n-ionaid agam. Sé rud do chuir amugha mé ar an dtigh ceart go raibh dhá thigh ann agus daoine den ainm chéadna n-a gcómhnaidhe ionta a's níorbh fhios dom ceaca a chéile: nár fhéadas an tigh ceart d'aimsiughadh lom díreach. Bhíodh anchuid Éireann leabhar aige, ach leig sé amugha a bhfurmhór: níor chongaibh sé cúntas cár ghaibheadar, cé thóg, cé dó gur thug sé iad. Fan fóillín, go dtagad ar m'aithrianachaibh, tá mo chiall amugha orm ag na figiúiridhibh go léir: níl sí ag beartughadh mar is gnáth léi. Leanbh bunóice sa tigh againn ag gol i rith na h-oidhche chuir sé codladh na h-oidhche amugha orm: chuir sé trí chéile me i dtreó ná tuitfeadh néal orm. Ná codail ar an gcluais go mbeidh aon dul amugha air go n-eiteóchaidh sé thu ar mhaithe leis féin: dearmhad míothuigseana. Cad é an dul amugha atá air ná tagann isteach as an nduartan? mearbhall céille. Lá dian oibre amugha orm ag déanamh an ruda nár theastaigh do dhéanamh: gan aon tairbhe. Dá mbeireadh an diall sibh leis ghom chosc ní chuirfidh sibh céile amugha orm-sa: beidh bean agam d'bhur n-aindeóin. Tá an oiread san aimsire ó chuala an scéal go bhfuil sé amugha sa bhfraoch orm: caillte mar caillfí ruidín suarach i bhfraoch an chnuic.

amuidhe!: *intreach* gáir, go deimhin, deara, ambaiste, dar an leabhar tá (níl). Amuidhe! Is maith an buille thug an fear beag don gcaid: dar fiadh. Seadh, amuidhe! bíodh deoch eile againn: dheara bíodh: cad é an díobháil: os rud é go raibh cheana ann bíodh airís (fonn a's sástacht). An raghair n-ár bhfochair ag ól? amuidhe! raghad: féach air sin: ar mh'anam gur me raghaidh. Amuidhe! phósfainn fós má tá na trí fichid féin istigh: ambaiste. Á, amuidhe! ní dhéanfainn aon ghoid pé nidh eile do dhéanfainn: dar an leabhar ná déanfainn. "Bhuailfinn tu" – "amuidhe! ní dhéanfá": dhíolfá as. "Hath amach, amuidhe! a chapaill": gluais anois gan leisce, go tapaidh (lé linn deabhaidh). Siubhal seadh é, amuidhe! Sin siubhal (mór) duit, ambaiste. Amuidhe! tá an oidhche déidheanach: is beag shaoileas í do bheith chómh déidheanach. Ó, amuidhe! stad de bheith ag magadh fúm: b'fhearr liom é.

amuigh: *d-bh.* as baile, ó bhaile, ar imirt. Ní fheaca é mar ná raibh sé sa tigh nuair chuadhas ann, bhí sé amuigh: as baile. Amuigh ná i mbaile ní raibh aonne chómh dílis leis: in aon áit sa tír nó tar lear: annso in aice nó i bhfad ón áit seo. Taobh amuigh dem athair ní raibh aonne gur mhó mo chion air: gan bac leis sin. D'fhágas mo mhadra taobh amuigh: fén spéir, ar an mbán. Glan do bhróga (ar an) taobh amuigh den ndoras: taobh na síne. Táim fliuch ón dtaobh amuigh ag an mbáistigh: an taobh dem chuid éadaigh is sia

óm chroiceann. An lá fuair sé bás budh mhór a raibh amuigh aige ar lucht tuaithe: bhíodar i bhfiachaibh aige. Thána chun socruighthe a bhfuil amuigh agat orm: an méid a dhlighim duit. Ná bídh amuigh lé n-a chéile, is comharsanamhla bheith buidheach dá chéile: ná bídh in earrad. Dá mhéid an cóngamh do thugas do gach uair do bhíodh easnamh air is mó dá bharr a bhí amuigh aige gur eitigheas gan leigheas é an turus déidheanach: níl sé pioc buidheach díom, budh dhóigh leat gur mise atá fé chomaoin aige ná eisean agam-sa. Deirdre nó Niamh na h-ainmeacha ban is breághtha amuigh: na h-ainmeacha atá ar eólas againn. Cad chuir amuigh t'alt? as ionad. Bhíodh sé amuigh air gur ghadaidhe é: ainm ghadaidhe ameasc daoine air. "An té bhíos amuigh fuaireann a chuid": an té nách mbíonn ag baile nó i láthair an bhídh a's é ar siubhal, ní bhfaigheann sé ach an chaolchuid. Is conntabharthach an rud codailt amuigh: codailt fén spéir. Dhóigh an toiteán mo chuid troscáin amuigh 'samach: ar fad, ar fad. Bí amuigh, an gcloiseann tú adharc an ghluaisteáin? amach leat go pras. Bí amuigh, a mhadra: amach leat de phreib. Bí amuigh as mo thigh! scrios. Bí amuigh! léim go tapaidh fé dhéin áite nó ruda go dteastuighir. Bí amuigh! (chun oibre, chun iascaigh, chun gluaiseachta): ná moilligh. Ní labhrann siad so amuigh linn ó aimsir an iomchogaidh: ár gcomharsain béil dorais. Cuir an fheóil i gcómhair an dreama atá amuigh: na daoine go bhfuil súil leo chun bídh am éigin. Oscail an doras, tá duine éigin amuigh: ag an ndoras. Bíonn sí ag caoineadh an té atá amuigh a's ná fillfidh: marbh. Chuireadh sé cártaidhe i bhfolach n-a mhuilchirtidhibh, ar an slighe sin. Buadhadh sé ach rugadh amuigh sa deireadh air: nochtadh an feall a bhí dhá dhéanamh aige. Ní mhothuigheann aonne amuigh é geallaim dhuit: ní bhíonn aonne ag cuimhneamh air, dar leó nách aon dochar é. Bíonn a theanga amuigh aige ag obair: bíonn sé ag obair ar lán an bhata. Stadfam nuair bheidh an cluiche seo amuigh: críochnuighthe. Árdfhear oibre seadh é, istigh 'samuigh: ar gach cuma. Amuigh bhíonn fonnsaidhe ar an soitheach: lasmuigh. Ar chuireas amach cad atá id phóca agat? amuigh! airís: ar seachrán athuair. Cad é an ainm atá amuigh ar an leabhar? ar an gclúdach. Deir sé go bhfuil truagh an domhain aige dhuit – ná creid é, amuigh atá san aige: ag leigeant air atá sé. Ní amuigh bhíonn aon nidh aige: ní ag leigeant air do bhíonn sé. Ainmhidhthe amuigh seadh caoire: ní tugtar iad ón sín. Bláthanna amuigh seadh neóinínidhe: fásaid fén spéir. Glan na tighthe amuigh: na tighthe go mbíonn ainmhidhthe, prátaidhe nó móin no a lithéididhe ionta. Cad chuir amuigh le chéile sibh nách labhrann sibh: dhein eascáirde dhíbh.

an: *alt.* Nách tú an fear agam go gcuirfeá bréag ar aonne: iontaoibh a's meas agat ort féin thar aon fhear eile. Tadhg an buachaill duit: Tadhg an fear a sháróchadh ort. Is é an lá é (le teas, fuacht, cruadhtan, áthas nó aon rud mar sin a chómharthóchadh é thar laetheantaibh eile): an lá. Sin í an bhean: bean gur fiú trácht uirthe.

an-: *réamh-mhír treise* An-Éireannach dob eadh an Piarsach: Éireannach maith, dílis. Cuirfidh sé an-shioc anocht: sioc trom. An-thalamh seadh Conndae na Midhe, reamharuigheann bulláin ann i dhá mhí: talamh saidhbhir. Cnoc an-árd seadh Corrán Tuathail maidir le cnocaibh na hÉireann dho. Fear an-árd sa tsaoghal seadh Deibh: níos aoirde ná a chóimhleacaidhthe.

anachain: *b.* (*g.* anachan) cinneamhaint, díobháil, tubaist. Anachain dubhach ort mar mhadra nách bhfanfadh socair: tubaist ort! Anachain dubhach (drochghuidhe ach is minic, minic deirtear é le duine toisc díombáidh do chur ar dhuine) air nár fhan uatha

(daoine a dhein a dhíobháil) a's a fhios aige cad é an saghas iad: bíodh san aige de bharr a amadántaidheachta. "Níl maith i seanchas nuair bhíonn an anachain déanta": ní maitheas bheith ag cainnt tréis na cinneamhna. "Táir ceannuighthe go maith agam pé anachain a sheól chugham thu": pé mío-ádh do chuir im threó thu táim thíos go tinn leis. Lámh ná cos leis ní chorróchadh chun an fhir bháidhte do shaoradh, dubhairt sé ná raghadh sé in anachain d'aonne: i nguais bheatha. "Poll na h-anachan": poll gur bádhadh duine ann is dócha. Fear nár dhein anachain ar neach riamh: díobháil. Is iomdha san anachain gur ghaibh sé tríd: guais, cruadhtan, scannradh.

anacair: *b.3.* iomard (incheann nó cuirp), tubaist, leathcheann, duadh, broid. Do leath anacair ar fuaid na dúthaighe, ar dtúis an cogadh agus annsan bochtanacht agus breóidhteacht: buaidhreamh agus cruadhtan. Ní chuirfidh sé anacair ar bith ort síntiús púint do thabhairt dos na boicht: ní chuirfidh sé siar pioc thu. D'fhág sí anacair croidhe air lé n-a shaoghal nuair thréig sí é: briseadh a's buaidhreamh. Teas na fásaighe, cailleamhaint a gcod bídh, eagla ainmhidhthe fiadhaine, cúis mhaith anacra dhóibh: iomard agus fulang dian. Aimsir anacra ag feirmeóiridhibh an fóghmhar, ag obair ar nós an diaill ó dhubh dubh: aimsir bhroide. Is anacra liom an líon tighe d'fhág sé n-a dhiaidh ná a bhás féin dá olcas é: is mó chorruigheann sé mé. An iongadh cuma óigíneach, shláinteamhail do bheith ort a's ná rug anacair riamh ort: buaidhreamh ná duadh. "Connus tá agat?" – "go maith, níl anacair sa tsaoghal ag breith orm": níl ceal ná buaidhreamh orm.

anacal: *f.1.* cosaint; saoradh (ó bhroid), dídean, buanughadh (beatha), comairghe. Dia d'ár n-anacal ar an mbás, nách conntabharthach an rud teine i dtigh: d'ár gcosaint. Déineadh duine éigin anacal orm ar fhear na sceine: cosnuigheadh duine éigin me. Gach uair do beirtí ar spiaire i rith an chogaidh ní bhíodh aon anacal air: ní bhfaighidís ceathramha ná trócaire. Gheóbhair anois go bhfuilir im lúib an t-anacal do fuaireas uait: trócaire ar bith. Cuirim me féin ar t'anacal: cuirim mé féin féd chosaint. Cé tá ag anacal an leinbh seo ar an dteine? ghá chosaint. Anacal Dé go raibh ort i ngach áit ar gach uair: go bhfairidh Dia os do chionn. An bhfuil aon anacal agat ar an bhfuacht ach na seanbhróga san? aon chosaint. Mar anacal do cuireadh an falla san ar an bhfaill: mar chosaint ná raigheadh aonnidh léi.

anaclaim: *b.a.* cosnaim, díonaim. Anacail me ar mo namhaid: díon me. Anacail me, a Dhia, ar chaithidibh an diaill: díon me ar mhealladh uilc an diaill. Ná tagadh aon chrith ort rómpa, má bhíonn ag dul id choinnibh anaclód-sa thu: saorfad nó díonfad thu ar a ndícheall.

anacrach: *a.* truaighmhéileach, tinneasach, ceatach, anródhach. Ar an uain budh bhroideamhla den mbliadhain b'anacrach an scéal gur buaileadh breóidhte é: ceatach, a chuirfeadh ar gcúl. Radharc anacrach atá aige ó dhall an púdar é, ní fheicfeadh sé dachad rann ó bhaile thu: radharc aindeis. D'fhág an madra cos anacrach agam nuair bhain sé greim lorgan asam, táim bacach ó shoin: cos aindeis. Breóidhteacht anacrach do rug chun siubhail é, chloisfeá gach aon bhéic aige: tinneasach. Scéal anacrach liom a chlos luigheachán do bheith ar an bhfear galánta: duairc, truaighmhéileach. Níl aon phian is anacraighe ná tinneasaighe cluaise: níl aon phian is mó ghoilleann ar dhuine. Ráinig na

scoileanna go h-anacrach ag an mbruitínigh, caitheadh iad do scur: drochaisteach. Nách anacrach do scríobhann (labhrann, shubhalann, chanann, léimeann, etc.) tú: neamhghleóidhte.

anacróir: *f.3.* duine dearóil, truaghán; aindeiseóir; fíothal; sprionnlóir, cníopaire, suarachán. Ní fheicfeadh an t-anacróir a chroidhe dá mbeadh sé ar a bhais aige lé neamhfhéile: duine agus croidhe bocht, cumhang aige. Ní bhfuaireamair sa ghleann fhiadhain ach anacróiridhe gan giobal gan greim bídh: daoine truaighe. Gan charaid gan ghaol, gan aitheantas aon fhir do chaith sé a bheatha, 'n-a anacróir uaigneach: go neamhshubháilceach, gan pioc de ghreann ná de shult aige. Táim im anacróir ag an sáil thinn seo: tuathalán gan puinn luadair. Anacróir nár dhein aon ghnóth cóir riamh: duine tuathalach, neamhchríochnamhail. Ní anacróir mar tusa nách bhfuil tógaint úird ionat do dhéanfadh úrdlaidheacht do ghabha: duine míothapaidh. Léan ar an anacróir ná caitheadh lá subháilcis do féin sa chathair, fágfaidh sé cruinniughadh a shaoghail ag daoinibh nách truagh leo treascartha é. Níor chaith sé scilling riamh air féin an t-anacróir: duine a bhíos scannruighthe chun an airgid do bhailiughadh.

anáird: *b.2.* mío-órdughadh. Má bhír ag cainnt agus me ag léigheamh cuirfir ar anáird me: cuirfir amugha me. Caith den ndoras an glas gan mhaith san, tá sé ar anáird: míghléas.

anáirighthe: *a.* toghtha. Deoch anáirighthe seadh í seo, caith í, is maith dhuit í: deoch thar dheochaibh. Scoláire anáirighthe a thráchtfadh ar aon rud as so go maidean: toghadh scoláire. Bíodh buidheachas a anama aige ar an aire anáirighthe fuair sé: aire chómh maith is b'fhéidir.

anairt: *b.2.* línéadach garbh tighe, bréid luinge. "Nár bheiridh t'anairt ar an luach!" deirtear so lé duine go mbíonn deabhadh nó fotharaga air chun aon ruda [mo thuairm gur éirigh so san am go dtugtí anairt i bhfochair ime go Corcaigh ó Dheasmhumhain]. Ní bhéarfaidh an bád an anairt léi i ngaoith láidir: ní iomcharóchaidh sí na seólta. Ghluais an long fé n-a cuid anairte: fé lántseól. "Cad é an luach atá uait ar do chuid anairte?" deirtear le duine go mbeadh a chuid éadaigh laistigh lé feicsint trí chulaith stracaithe. Bairlínidhe anairte: bairlínidhe garbha do dheineadh mná tighe sa bhaile dá líon féin.

anaiste: *b.4.* droch-áird, droichíde, cruadhtan, éagcóir, neamhchomhthrom. Tá an tigh in anaiste aráin mar nách bhfuil aon phlúr againn: níl ár gcomhthrom aráin againn: easbuidh. Choidhche ní bhaileófá airgead, m'eagla go dtáinghis ar an saoghal so in anaiste: go neamhaithiseach. Go maithidh Dia a chortha dho, bás anaiste an chrích do chuaidh air: bás tubaisteach (é do shádhadh, do bhádhadh, a mhuineál do bhriseadh, etc.). Anaiste orm-sa má thugaim cóngamh do mar budh bheag air me nuair bhí sé aige agus mise bocht. Cad fuair sé riamh ón riaghaltas céadna ach anaiste: droichcheann, drochchóir. Féach air sin de bhórd bídh agus dighe, is oraibh ná fuil an anaiste: drochchóir. Anaiste orm-sa seadh gan oiread do thabhairt dom lé duine tréis cion fir do dhéanamh: éagcóir. Budh mhór an anaiste nách bhfuair sé táille ón riaghaltas agus a rinne sé ar son na tíre: míochomhthrom.

anaisteamhail: (**anaisteach**) *a.* truaigh, drochchlóidh, éagcórach; neamhchomhthromamhail. Chuirfeadh an chuma anaisteamhail atá air na clocha glasa ag gol: olc, dearóil, bocht. Is anaisteamhail an tslighe bheatha dho bheith ag amhrán ar thaobh sráide: truaighmhéileach, dearóil. Nách anaisteamhail an scéal duit gan chabhair do thabhairt dod mháthair bhocht dhealbh: mícheart. Caitheann sé a mbíonn aige go h-anaisteamhail lé lucht ólacháin a's ragairne: go h-ait, gan chiall, éigceart.

anaithe: *b.4.* anfadh, spéirling; corruighe mór, spéarach; scannradh, sceimhle, imeagla; scáird a's sceón a's baillchrith, uathbhás, fonn a's dúil; cíocras a's sainnt; fotharaga, grithileán, flosc. "Is mairg báidhtear lé linn na h-anaithe mar tagann an ghrian tréis na fearthaine": lé linn na stoirmeach. Aniar ón bhfarraige, toisc gan fhasc, a thagann an anaithe ar an áit seo: an aimsir uathbhásach. Do scuab an anaithe roimpe ceapanna móra trí tonnaidhe meádhachtainte as an gcaladh mar scuabfadh mo hata: an t-eascal fiadhain, fíochmhar. Ní fheadair aonne ach Dia, moladh go deó leis, connus tháinig an bád saor as an anaithe a bhí ag dul anáirde go féar glas! stoirm gan teóra. Líon an tigh isteach leis an anaithe báistighe gur shnáimh an troscán: díle throm uisce. Ní anaithe go gaoith adtuaidh: is í sin a bheireas an drochaimsir is measa léi. Rug anaithe orm nuair chonnac chugham an fear buile, scian ar leathadh aige a's gan áit theichte agam: sceimhle. Chuir Sasana na dubhchrónaigh annso d'iarraidh anaithe do chur ar na daoinibh: sceimhle agus imeagla. Nuair bhraitheas an nadhbhóg ag imtheacht óm chois tháinig anaithe orm: scannradh (mo bháidhte). Ná cuir anaithe ar an leanbh lé glamghail: ná scannruigh é le boirbeacht glóir. D'fhéach sé orm agus anaithe air nuair chonnaic sé gur mhair an té cheap sé bheith marbh lé deich mbliadhnaibh: uathbhás: líonruith nár bh'fhéidir leis do smachtughadh. D'fhágadar go náireach é ar thaobh bóthair in anaithe an bháis: ag coimheascar leis an mbás. Ní sméidfeadh sé ort gan bac lé beannughadh ná labhairt leat le h-anaithe oibre: fonn a's deabhadh a's broid. Tiocfaidh anaithe as an spéir dhuibh scamallaigh sin: spéirling, corruighe fíochmhar. Ná bíodh aon anaithe bídh ort, tá sé annso siar síos: sainnt ná fuil do dhóthain ann. Rith sé isteach a's anaithe air, budh dhóigh leat go raibh an diall ar a thóir: scáird n-a shúil, giorradh anáile air, a's dath mílítheach. Beirimís fada air cad tá buaidhte againn lé h-anaithe, an tuarasdal céadna dhúinn 'sé é: fonn mór fotharagach. Tháinig anaithe 'n-a gnúis nuair thuit an t-anam as a fear lé n-a h-ais: bhreithneófá n-a h-aghaidh méid an scannraidh a ghaibh í. Dheara! Náire chuige sin mar bhíonn san in anaithe an tsaothair ó Luan go Satharn, an fearrde é? i mbroid, saothair, duais a's cruadhtan.

anaitheamhail: *a.* stoirmeamhail, corruighthe, scannruighthe. Baineadh preab anaitheamhail as nuair chuala sé scread sa roilig: scannruightheach. Is iomdha oidhche anaitheamhail a bhí ag muinntir Lonndain nuair leigeadh eiteallóirdhe Gearmánach pléascáin anuas ortha: scannruightheach. Farraige anaitheamhail í sin ná mairfeadh aon bhád béaloscailte innte: suaidhte, corruighthe, árd, garbh. Má tá sé tréis bháis féin ná féach chómh h-anaitheamhail sin orm: chómh scannruighthe. Cad bhain do agus rud anaitheamhail mar sin do dhéanamh, a bhean do chaitheamh lé faill? gníomh a chuirfeadh gráin ar aonne. Ceaca is dóigh leat is anaitheamhla teine nó tuile? is mó scannróchadh duine 'n-a nguais.

anaitheantach: *f.1.* duine iasachta, duine nách n-aithnigheann aonne é. Ní h-aon anaitheantach tu sa tigh seo, suidh aníos: duine thu go bhfuil aithne ort agus fáilte rómhat annso. Anaitheantach san áit dob é agus chuir san amhras ges na póilínidhibh air: ní fheadar aonne cér bh'é agus tháinig sé i gceann na bpóilínidhe gur dhuine é nár bh'áil lé neach. Is beag cómhrádh do bhí agam lé h-aonne i dTráighlí, anaitheantaigh dob eadh iad go léir: daoine ná raibh a fhios agam cér bh'iad. Tháinig ceannaidhthe, anaitheantaigh dob eadh iad, a árduigh luach an stuic: ceannaidhthe nách bhfeacthas cheana ann.

anaitheantach: *a.* anaithnid. Fuairtheas corpán anaitheantach ar an dtráigh: ní fheadair aonne a ainm ná a dhúthaigh. Fear anaitheantach dob eadh é gur deineadh Teachta Dála dhe: ní raibh clos trácht tarais.

anaiteas: *f.1.* olcas iomlán, míthreóir iomlán: faid a's géire ar aon rud. Nách mór mar tá an saoghal imthigthe chun anaitis le daoire bídh a's éadaigh: chómh h-olc a's gur dheacair do bheith níos measa. D'óladh sé agus d'imthigh sé chun anaitis leis gan muinighin ag aonne as: chun an phota, thar cailc ar fad. Tá an t-anaiteas chun cártaidhe ort: tugtha rómhór dóibh. Caithfear na daoine do chosc ar imtheacht chun anaitis peictiúiridhe, táid ag baint codladh na hoidhche dhíobh. D'éirigheas as an obair, ní fhéadfainn í do chríochnughadh, chuaidh sí chun anaitis orm: im choinnibh. Cad tá ag déanamh anaitis duit go bhfuil an chuma dhuairc ort? cad tá ag cur isteach ort? In ionad feabhasa do bheith ag teacht ar an gcois is ag dul chun anaitis atá sí: ag dul in olcas agus i dtinnidheacht. Éirigh as mar cháineadh, ná téidhir chun anaitis air: ná dein sians de: ná lean siar air. Do bhí an t-anaiteas ar an nGaedhilg go dtí gur cuireadh ar siubhal ins na scoileannaibh í: bhí sí ar míthreóir: dob olc an aiste aice é. Ná leig do chuid oibre chun anaitis: ná leig lé faillighe í, seachain í.

anaithnid: *a.* gan aithne ar. Duine anaithnid domhsa thu, cuir in iúil tú féin: duine nách bhfuil a fhios agam cé thu, innis dom é. Ameasc daoine anaithnide bí aireach ort féin, ní fheadarais an t-olc ón maith: daoine gan eolas agat ortha, beir foidhneach air.

anál: *b.2.5.* (*-áile, -álach*) Tairng t'anál ar feadh tamaill: suidh a's déin do scíth. Ritheas gan m'anál do tharang gur shroicheas an tigh: gan aon lagughadh ar mo shiubhal. Deoch an-láidir seadh beathuisce, raghadh sé le t'anáil go tapaidh: síos an caol mícheart. Tabhair m'anál dom, táim traochta ó bheith ag casadh: tabhair eaga scíthe dhom. "Fanaidh siar uaithe" ars an gárda, "tugaidh a h-anál di", leis an sluagh a bhí ag bailiughadh tímcheall an chailín a bhí i bhfanntais: cao ar aer d'fhagháil. Má chuirir t'anál fén nid tabharfaidh an seanéan fuath dhi: má théidhir ró-gheairrid di go minic tréigfidh sé í. Ná bíodh aon dearmhad oraibh mar gheall orm-sa, táim libh idir anam a's anál: faid mhairfead. Ní féidir anál do chur fúm lé tafant ná bagairt ná breabadh: ní féidir mé do chlaonadh. Chuir an siubhal i gcoinnibh an chnuic luas anáile orm: bhí sí ag teacht go tapaidh, gearra: chuir saothar orm. Labhrann sé fé n-a anáil, ní chloisfeadh aonne é: ós íseal: fé n-a fhiaclaibh. Má sheasuigheann anál dom buadhfad an rás: má mhaireann neart an aeir as mo scartachaibh. Má sheasuigheann anál dho beidh sé annso mar gheall sé: muna dtagann giorracht uirthe. Chuir duine éigin droch-anál fé a's a rádh gur atharruigh sé a thuairm: do chlaon duine éigin é lé tafant cómhairligh nó bagartha.

anall: *d-bh.* go dtí an taobh so, sa treó so, abhfus. Shnáimh sé anall chugham treasna na h-abhann: go dtín thaobh so den abhainn. Ní thiocfad anall choidhche ar bhur dtaobh-sa, ní ghéillim d'bhur slighe: ní thaobhóchad libh. Druid anall chun na teine: ón dtaobh san níos giorra dhi. Suidh anall chun búird: gluais go dtí an bórd (chun ithte etc.). "Anonn 'sanall a's tríd an abhainn, a chailleach a mharbhuigheas mé, a chailleach a mharbhuigheas mé": ó thaobh go taobh den abhainn. Anonn (sall) is anall: mar bhíonn tromán cluig. Earraidhe anall ó Shasana: treasna as. An anall é? an ón Oileán Úr é? An anall na h-earraidhe seo? an tar lear do thángadar. Ní thagann aonne anall: ní éirigheann aonne ón mbás.

anallóid: *d-bh.* fadó, san tseanaimsir. Féach na fothracha go mbíodh na daoine in a gcómhnaide annsúd anallóid: i bhfad siar. Anallóid ní raibh aon dul amach ag daoinibh ar thé sa tír seo: tamall mór de bhliantaibh ó shoin ann.

anam: *f.3.* spirid an duine, an chuid domharbhtha den duine, an spirid díothchrotha a chómhnuigheas sa duine; beatha; luadar; brigh. Is mór an cion atá agat ar t'anam ná raghadh ag troid ar son do dhúthaighe: is luachmhar leat do bheatha. Rith i ndeireadh an anama atá an fear teanntuighthe fén dtrucail: oiread a's tá id chosaibh agus it anáil. Tháinig sé chugham i ndeireadh an anama ar crith lé scannradh: traochta, gan tuilleadh luadair ann. Ní raibh ach go rabhamair in ann rith lé n-ár n-anam ón scríb: is beag eile nuair bhéarfadh an stoirm orainn mara mbeadh an deithineas mór etc. Thabharfí a anam do dá scéidheadh sé ar a chomhrádaidhtibh: scaoilfí leis. Budh bheag air a anam do leigeant leis ar an ndúthaigh do thréigean: ar é do shaoradh ón mbás. Dá bhfaghainn m'anam air ní chuirfeadh mo dhícheall Gaedhling isteach n-a cheann cipín: dá saorfainn m'anam thríd. Ag cur an anama amach aige bheidhfeá ag éisteacht lé n-a scéaltaibh grinn: ag briseadh do chroidhe lé gáiridhe. Cá bhfuil a rian air bheith ag cur an anama amach ag obair: ag saothar go duaibhseamhail. Dá mbeadh m'anam air táim chómh bocht san nách bhféadfainn scilling do tharang chugham: dá mbeadh mo bheatha ag brath air. Is diadhaighe i ndeireadh a shaoghail é ná n-a óige, tá sé ag déanamh a anama: ag leasughadh a bheatha, ag déanamh síothchána lé Dia. Is lugha an t-anam atá ionat ná i silimide, a bhaicichín: lúth, tapa. Cuir anam ionat féin chun bóthair (oibre, scríobhnóireachta etc.): múscail tú féin. Beidh t'anam agam má bhuaileann tú barra méire ar an dteine sin tréis a bhfuil dá duadh fachta agam: marbhóchad thu. Beidh t'anam air má chídhtear ag tógaint an tsuibh den gcornchlár: léasfar thu. D'imreóchainn m'anam lé h-aonne a thabharfadh easónóir dom dhribhshír: raghainn i dtreis mo bheatha do chailleamhaint chun díoghaltais do dhéanamh uirthe. Dhearbhuigheadar go n-imreóchaid a n-anam chun na seód a bhí ar an dtaobh eile den bhfásaigh ghainmhe d'fhagháil: raghaidís n-a chonntabhairt. Mhuise, m'anam thu, ní dhéanfainn amhras díot, sin í an chainnt bhríoghmhar: mo cheól thu, maith an fear. Cuimnigh ar t'anam bocht: tabharfar breith ort. M'anam istigh thu, is deas liom do rinnce: mo ghrádh thu, is amharcach liom mar rinncir. M'anam 'on diall, nách bhfeacaidh aonne riamh lá chómh sultmhar: dearbhuighim go láidir. Ar mh'anam go mbuailfead leat, ná bíodh eagla ort: geallaim go fíor. Beannacht Dé lé h-anam t'athar: go raibh Dia trócaireach air. Lé h-anam do mharbh, a's innis dúinn cá bhfuairis na bróga galánta: ar son do mharbh: chuirfeadh áthas an domhain orainn. M'anam 'on scian go bhfuil ocras ag teacht orm: dar fiadh tá, etc. Thugadh sé é féin suas don diall idir chorp is anam: nuair ghaibheadh sé fé sceich go

raibh a dhá cheann i gcré: thiomnadh sé é féin don diall go h-iomlán [asarlaidheacht dhiamhair chun rath cártaidhe d'fhagháil]. Bíodh breis anama id chéim: siubhaluigh níos mire. Beidh anam gaoithe ann anocht, sin é tuar na h-aimsire: tiocfaidh gaoth go mbeidh brigh a's breis nirt innte. Choidhche ní bheirbheóchaidh faic ar an dteine gan anam san: gan teas ceart. Uisce gan anam: gan rith, marbh, mall. Beathuisce gan anam é seo: gan speach. Shaoileas go raibh sé marbh, tá an t-anam ag teacht ann: tá sé ag téarnughadh, brigh ag filleadh ann. Coirce gan anam seadh é ón mbáistigh: na léasacha bog gan tathag. Cuideachta gan anam seadh sibh, a fheara, nách bhfuil ag gáiridhe, ag ól, ná ag scéalaidheacht: gan spirid ná spionnadh. Ní bhfaghaim aon anam fém mhéir id chuislinn: corraighe. Tiocfaidh breis anama i stoc fé dheireadh na bliadhna: beidh breis luacha air agus ceannaidheachta. D'imthigh an t-anam nuair imthigh an t-iasc: an bheódhamhlacht agus an corraighe ameasc na ndaoine. Dá mbeadh dhá anam ionam ní fhéadfainn fritheáilt ar a bhfuil de ghnóth ag glaodhach orm: dá mbudh beirt me in ionad aonne amháin. Is tú anam an pharóiste: is tú go mbíonn gach aonne ag brath air chun a gcaitheamh aimsire, a suilt, a ngrinn. Níl aon anam sa bhóthar san, ní maith liom siubhal air: níl sé éascaidh fén gcois.

an-am: *f.3.* uain mhíothráthamhail, díthionbháidh, am tráthamhail. In an-am do tháinighis, tá an phroinn thart a's gan screatal lé n-itheadh rómhat. In am san an-am bí aireach ar t'anam: gach tráth. (Is ar "an-" do bhíonn an bhéim nuair bhíonn an chiall fé leith seo leis an bhfocal; ar "-am" a bhíonn sí nuair chialluigheann sé am maith). An-am labhartha dhuit agus do chómhairle ag cainnt leis an gcoisde ar do shon: an t-am mícheart sé é. Beir in an-am chun na traenach: beidh am do leórdhóthain agat nó béarfair uirthe go tráthamhail. In an-am atáimid, níl an t-amharclann leathlán fós: am maith, flúirse ama. In an-am do thángamair ní raibh aon tsuidheachán eile n-ár ndiaidh ann: dá mbeimis aon ruaine eile déidheanach ní bheadh aon tsuidheachán lé fagháil.

anamamhail: *a.* beódha, pras, tapaidh, lúthmhar, fuinneamhail. Connus bheadh do chapall anamamhail gan coirce: tapaidh, beódha. Cuireann sé chun bóthair go h-anamamhail: lúthmhar, mearchéimeach. Is mór gur anamamhla gaoth Mhárta ná gaoth Shamhraidh: bíonn breis nirt léi, agus gluaiseann níos mire. Níor mór duit siubhal go h-anamamhail ón bhfuacht lá seaca: tapaidh. Doradha neamh-anamamhail ná ritheann nuair caithtear é: ní ritheann sé ar a chéile go tapaidh. Níl an pheil anamamhail, níl sí teann a dhóthain: ní ghluaiseann sí rómhear. Seanduine anamamhail a oibrigheas ar nós an duine óig seadh fós thu: beódha. Bí anamamhail leis an leitir nó beidh an post imighthe: bí tapaidh. Baile anamamhail go maith seadh Áth Cliath anois, tá monchraidhe agus tógálacha ar siubhal ann: baile go bhfuil corraighe ann. Seim an port níos anamamhla nó ní fhéadfad rinnce leis: níos mire, le breis dhúthrachta. Tá aer anamamhail ar "Ó Dómhnaill Abú!": aer a mhúsclóchadh do mheanma.

anamamhlacht: *b.3.* luadar, lúth, spreacadh, tapamhlacht. Bíonn anamamhlacht an duine ag dul ar gcúl ón leathchéad: tapamhlacht: ní bhíonn sé chómh tapaidh chun rud do dhéanamh. Ainmhidhe gan anamamhlacht seadh muc: lúth: níl innte rith ná léimeadh go pras. Cuirfidh biadh maith agus cóir anamamhlacht ionat: spreacadh: bíogfaidh thu. Dá anamamhlacht agus bhíos, gidh gur fhágas gach aonne im dhiaidh ní rugas ar an mbitheamhnach: dá fheabhas an rith agus an luas, etc. Tugadh tógaint an fhóirgnimh do

chuallacht Mhic Thomáis lé n-a n-anamamhlacht: toisc a luaithe do thógaid agus oibrighid. Tiocfaidh farraige árd as anamamhlacht na gaoithe: treise, séideadh teann. Ní bhíonn leisce ar aonne dul chun an Aifrinn seo toisc anamamhlacht an tsagairt: luas agus tapamhlacht.

anamhóin: *b.3*. buaidhreamh, corraighe mór. Nuair chonnaic sé go raibh sé fichid púnt ag lucht na cánach air chuir sé anamhóin air: corraighe mór inntine. Bheadh anamhóin ort tabhairt fé dhul treasna sráide sa tsaoghal atá ann lé méid an gheileasa: chuirfeadh eagla do chroidhe ort. Chuir sé anamhóin orm nuair síneadh marbh lém thaobh é: scannradh oban: tháinig mo chroidhe im bhéal: chritheas le geit. Tagann anamhóin ar leanbh óg nuair caithtear go h-obann in uisce fhuar é: dar leis go mbíonn deireadh leis, cheal taithighe ná meabhrughadh cad thárlaidh dho (mínigheann an rádh so an focal "anamhóin" go maith). Ná tagadh aon anamhóin ort, níl aonne ar do thí: bí suaimhneasach it aigne. A dhiaill, ní h-eagla do chuiris orm ach anamhóin léd chuid eithigh: do chorruigheas go bonn mé. D'imthigh an téad as mo láimh lé h-anamhóin bheith sa pholl: leis an suathadh. Theanntuigh na saighdiúiridhe me i gcúine cumhang, ar bh'iongadh go dtáinig anamhóin orm? corraighe incheannn nách bhféadfainn d'fhoiliughadh. Dhearmhad sé aon rud do dhéanamh lé h-anamhóin nuair chonnaic sé a thigh go raibh a bhean sa chlann ann n-a bhladhm lasrach: suathadh agus dul-trí-chéile meabhrach: ceal daingneachta.

anamhóineach: *a.* corruighthe, suaidhte, trí chéile, scannruighthe, sceimhlighthe. Dream anamhóineach seadh iad anocht mar briseadh isteach n-a dtigh airéir, chuirfeadh glór luiche eagla ortha: sochorruighthe. Buachaill anamhóineach seadh é, níl a lúthacha go maith ó bhí sé breóidhte: soshuaidhte: is furaiste é do chorraighe agus eagla do chur air. B'anamhóineach an uain againn í, teanntuighthe fén ngluaisteán gan neach n-ár ngaor: sceimhlightheach. Aithnighim ar an gcritheán atá n-a ghlór go bhfuil sé anamhóineach: trí chéile ó fhiadhnaise na ndaoine. Bheidhfeá anamhóineach roim do scáth: chuirfead an rud is lugha scannradh ort. Cad dob anamhóinighe d'aonne 'ná tuiteam as eiteallán míle troigh anáirde san aer: a chuirfeadh breis eagla shaoghalta ar aonne.

anaoibhinn: *a.* doilbhir, neamhshultmhar, míothaithneamhach, anshuairc, neamhshona. Bhraitheas go h-anaoibhinn ar feadh an lae im chuid éadaigh fhliuch: ní rabhas seascair istigh liom féin. Is anaoibhinn an gnóth é agam a innsint do go bhfuil a mháthair marbh: gnóth gan subháilceas. Tháinig cuma anaoibhinn ar an dtigh, an páipéar ag tuiteam desna fallaidhibh, liathacht ar na dóirsibh le faillighe: cuma gan taithneamh. Dréir na bpáipéar tá samhradh an-riabhach n-ár gcionn, ní fheaca riamh aca ach scéal anaoibhinn: anshuairc. Sé an seanscéal anaoibhinn ag bean mhic a's máthair céile é: achmhusáin a's bruighean: scéal gránda, gan mheas.

an-aoibhinn: *a.* aoibhinn amach 'samach, sciamhach, an-bhreágh. Dob an-aoibhinn an t-amhránaidhe Carúsó: guth cheólmhar a chuirfeadh áthas ar do chroidhe. Is an-aoibhinn an dúthaigh í Éire: go n-áilneacht a thaithnigheas lé cách, a daoine leis. Cad is an-aoibhinne do dhuine 'ná a shláinte do bheith aige?

anaoid: *b.2.* geóin, glisiam, glór doiléir. Ní fhéadfainn a dhearbhughadh cad bhí dhá rádh aca le chéile, bhí sé 'n-a anaoid orm: fuaimeanna nár dheineas amach n-a gcainnt. "Púcaidhe atá ann", arsa fear nuair chualadar an anaoid i dtóin an chuasa, "róinte, seadh iad" arsa fear eile is cosamhail a nglór lé guth dhaonna. "An gcloisir an anaoid? Éist! ní fheadar an daoine atá ann?": glór íseal gur deacair a dhéanamh amach cad dheineann é: glór nách féidir do thabhairt chun cruinnis.

anaosta: *a.* óg, óigíneach. Duine anaosta atá ionat fós chun pósta, nílir ach an dathad: duine óg. Caitheann sé na bliadhanta go maith, féach an clódh anaosta atá air: an chuma óg, óigíneach. Dá anaosta théidhir chun oibre seadh is fearr thu: dá óige.

an-aosta: *a.* aosta go maith. Fear an-aosta nár mhaith leis maireachtaint: fear go mbeadh aos mór aige.

an-ársaidh: *a.* an-aosta, seanda, foirbhthe. In aimsir Neapóilin a tógadh an túr so, níl sé an-ársaidh: seanda. Ach púicínidhe agus úineacha fhána agus galán ógham chraoibhe an Dúna Mhóir, sin iad atá go h-an-ársaidh: táid na mílte bliadhan ann. Fuairtheas árus is luath dhaonna ann san mhúchán an-ársaidh a fhoillsigheas duit an fhaid mhór ó bhí daoine annso.

anascair: *a.* garbh, tuathalach, tútach. Clúmh anascair a bhíonn ar ghabhar seachas leómhan: garbh, neamhmhín. Fear anascair dob eadh é agus ní raibh éileamh air: fear garbh nár theastuigh. Éadach anascair i gcóir an Domhnaigh: neamhmhín, tútach gan bruith shleamhain air.

anbhás: *f.1.* drochbhás, bás gráindeamhail, oban. Is é fuair an t-anbhás, tuiteam as an dtrucail sa mhuineál do bhriseadh: bás gráindeamhail. Anbhás seadh bádhadh: bás a chuireas níos mó truaighe orainn ná bás ar leabaidh. Thug sí anbhás uirthe féin ghá caitheamh féin fén dtraen: d'ídigh sí í féin. 'N-a sheasamh do, a lámh anáirde aige, ag deimhniughadh don sluagh agus é ag aighneas, do thuit sé n-a phleist gan chor, nár bh'é an t-anbhás é: an bás oban, brónach, gránda.

an-bhás: *f.1.* bás maith, bás breágh. Fuair sé an-bhás, buidheachas le Dia, ní raibh ach luigheachán lae air agus gan tinneas ná deacair: bás chómh subháilceach 'sas féidir bás do bheith.

anabháthach: *a.* scannruightheach. Ghearraidh an scian go cnámh me, dob anabháthach an nóimint agam í: scannruightheach, eaglach. Dob anabháthach liom an t-uisce nuair chaith na garsúin isteach 'on pholl me gan choinne: chuir sé scannradh oban orm. Níor ropas me féin riamh fé loch ná go rithfeadh ríog anabháthach trím chorp: greadadh fuar nimhneach ag baint m'anála dhíom. Cuireann fuaire an tsáile anabháthadh orm: crithim le nimh a fhuachta.

anabháthadh: (*–tha*) scannradh, sceimhle. Ní mór ná go mbaineann sé m'anál díom tréis an anabháththa d'imtheacht díom d'fhéachas im thímcheall d'fhéachaint an raibh aon smut raice go mbeirinn air: an suathadh do chuir an t-uisce orm. Ar sheasamh duit chun

labhartha ná tagadh aon anabháthadh ort, labhair go misneamhail: aon scáinteacht roim an sluagh. Is maith is cuimhin liom an t-anabháthadh do tháinig orm an chéad oidhche thána ar an bhfléige i gcluiche: an faitchíos aghaidh do thabhairt ar an lucht éisteachta. Cuir do leitir ar an bpáipéar anabháthadh ar lucht díomholta na teangan, d'éisteadar: eagla, sceón.

anbhfáilte: *b.4.* ceal fáilte, míofháilte, doicheal. Ná bíodh aon náire ort sa tigh seo, mac t'athar, níl aon anbhfáilte annso rómhat: doicheal, tá fáilte rómhat bheith buanamhail sa tigh seo. Tháinig allus lé náire orm go ndeachas ar cuaird chúcha nuair chonnac an anbhfáilte a bhí aca rómham: níor theastuigheas uatha.

anbhfainne: *b.4.* laige, fanntais, ceal croidhe. "An ar meisce atá sé gur thuit sé?" – "ní h-eadh, anbhfainne í sin a thagann go minic air": laige. Ag déanamh ar dheireadh na seachtmhaine do bhí anbhfainne ag teacht orm le duadh na h-oibre: traochtacht: do bhí an obair ródhian dom agus bhíos ag dul i laige. Ní bhfuaireas ionam iad do chur amach ar an saghas tighe bhí aca le h-anbhfainne a's an crot a bhí ortha: ní raibh sé de neart im chroidhe. Chuirfeadh na scéalta mímhisneamhla a chloisfeá i dtaobh na dúthaighe anbhfainne ort aon rud do dhéanamh ar a son: ceal croidhe chun oibre. An dóigh leat gur chuir a ghothaidhe fiadhaine ghom fhógairt soir siar aon anbhfainne orm? laige croidhe.

anbhfainneach: *a.* lag, tugtha, traochta, tnáidhte. Tréis chúig lá dhéag ar stailc ocrais do bhíos anbhfainneach: tnáidhte. Níorbh anbhfainneach go dtí tréis na hoidhche do thabhairt ar roth na luinge sa stoirm: traochta, lag. Iomad oibre, beagán bidh, cá h-iongadh anbhfainneach é i ndeireadh a sheachtmhaine dho? cortha spionntha.

anbhfann: *a.* an-lag, fann ar fad. Ná bí ag brath air chun an ghnótha chonntabharthaighee sin, croidhe anbhfann atá aige: gan spirid, cailleamhnach. Cosa anbhfann atá fé, slán mo chómhartha, féach an cor atá ionta: an-laga.

anbhroid: *b.2.* daoirse, amhgar trom; tíoránachas; géibheann (oibre, teannta etc.). "Bíodh bás nó saoirse againn", ar seisean, "caitheam cuing na h-anbhroide dínn": smacht eachtrannach. Os cionn seacht gcéad bliadhan in anbhroid d'Éirinn gan í do chlaoidheachtaint: fé smacht chruaidh, ghéar. Ar feadh dhá mhí den ngeimhreadh do bhíodar fé anbhroid teanntuighthe ar an oileán gan faic le n-itheadh aca ach prátaidhe agus salann: ceal a's easnamh. Ná bí ag trácht ar anbhroid is orm atá sí, féach an chruach pháipéar atá le scrúdughadh agam a's gan agam chúcha ach coighcíos: teann oibre. Ní mharbhóchaidh an leadaidhe díomhaoin sin é féin, ní chuirfidh anbhroid air féin: deabhadh a's tafant oibre. Suidh agus cuir díot anbhroid: an deabhadh tar meón.

anbhruithe: *f.4.* (**anbhruth**) uiscealach feóla bogtha leachta; an t-uiscealach n-a mbruithtear feóil. Tá sé chómh gomhamhail sin go n-ólfadh sé do chuid anbhruithe: bheirbheóchaddh sé thu go mbeadh do chorp ionólta [c. i gc., d'íosfadh sé lé gráine salainn thu]. Sé do chuid-se dhe (aon rud) an t-anbhruithe: ní bhfaighir an scabhárd. "Is sia théidheann an t-uanán 'ná an t-anbhruithe": "is fóghantaidhe bainne na bó 'ná sughlach a cnámh": ná scaoil uait an rud is sia fhóghanfadh duit ar rud d'fhóghanfadh níos fearr de thruip na h-uaire.

ancháineadh: *f.* (*-nithe*) masla, aithis, imdheargadh; spreallaire. Oide ná staonann d'ancháineadh teangan a thíre: ghá máslughadh, ghá h-ionnsaidhe. Dá mbudh cara dhuit é an mbeadh sé ghod ancháineadh, ag cur éithigh 'sag tromaidheacht ort: ghod ionnsaidhe i gcainnt aithisigh: anchainnt.

anchainnt: *b.2.* achmhusán, easonóir. Níor chuala focal anchainnte ar aonne ón mhnaoi mhacánta san riamh: drochchainnt, cainnt dhíobhálach. Leadhb ghránda do shíor ag anchainnt ar aonne thairngeófá chuige: teanga mhalluighthe, tharcuisneach. Dá mhéid anchainnte do deineadh air, ag cur an uile chora budh mheasa ná a chéile n-a choinnibh shaor sé a chlú sa cháil: cainnt urchóideach lé h-intinn díobhála.

anchainnteach: *a.* cáinteach, drochthagarthach, scéaltach. Ná h-innis aon fhaic do mhuinntir an tighe sin, lucht anchainnteach seadh iad: innsteach, camráidhteach. Ná beadh focal maith agat do dhuine éigin, a ruidín shuaraigh, anchainntigh: díomholta. Nár bh'anchainnteach an gnóth dhuit a rádh le duine iasachta ná raibh buachaill maith 'n-ár measc: neamhfhearamhail, úiríseal.

ancaire: *f.4.* an oireamhaint iarainn go lorgain dhírigh, barrlúbach agus go dhá ngéig chama ar an gceann íochtarach chun loingeas do chongbháil ar suaimhneas ar an bpoll: dabhach adhmaid. Caitheadh ancaire chun na luinge do chosc ar dhul ar an dtalamh. Chuireamair fé ancaire i gCuan an Daingin: an long (bád etc.) ar congbháil ag ancaire. Cuan cáinte seadh é toisc nách bhfuil greim ancaire ann: talamh righin go gceanglóchadh sé ann. Ar feadh bliadhna fágadh an tseanlong ar leabaidh ancaire gan cor do chur dhi: ionad, áit. "Is maith an t-ancaire an t-adharta" (seanfhocal): is maith cluthmhair, daingean an áit an teinteán oidhche stoirmeamhail: fantar istigh oidhche olc. Ní h-ar ancaire tá sibh annso, ná fuil aon fhonn fágtha oraibh: ní ceangal éigin atá oraibh. Scaoil ancaire, tairng ancaire. Tairngeóchaidh sí a h-ancaire is eagal liom: imtheóchaidh sí lé gaoith a's sruth. Cuireadh an t-ancaire fén soitheach chun an leanna duibh do choimeád: árus mór adhmaid mar bheadh leath soithigh. D'óladar ancairidhe dighe: d'óladar cuid mhór mhaith.

anchaitheamh: *f.1.* drochchaitheamh, roilleach, scaipeadh, dimleaghadh. Budh mhór an t-anchaitheamh d'fhear bocht gabháil trí chúig phúint fhichead i dtrí lá gan oiread a's balcais éadaigh do cheannach ná pingin fiach d'íoc leis: caitheamh díthcéille. Mara mbeadh gur anchaitheamh é do bheadh a thuilleadh aráin istigh agus an méid a bhí ann agus a laighead againn atá ann: caitheamh gan ghádh. Imtheóchaidh do chuid airgid in anchaitheamh muna gcuirir 'on bhannc é: n-a roilleach, go leachta. Bás bocht a gheobhair ag anchaitheamh do choda: scaipeadh gan ruthag. Cócaire neamhchríochnamhail atá againn, imthigheann furmhór an bhídh in anchaitheamh: gan aon áis cheart do bhaint as.

an-chaitheamh: *f.1.* caitheamh maith, aireach, caitheamh fada. Sin éadach maith, tabharfaidh an chasóg san an-chaitheamh uaithe: mairfidh sí i bhfad. Is iomdha lá oibre fós sa tseanduine, dheara a dhuine, tá an-chaitheamh ann: fulang, seasóchaidh i bhfad.

Thug na bróga so an-chaitheamh uathu, táid dhá bhliadhain agam: sara rabhadar ró-olc le cur orm bhí seal maith istigh aca.

anchás: *f.1.* buadhairt, cás olc, draip, teannta. An diall me go bhfuilim in anchás cheal tobac indiugh agus an dúil mhairbh agam ann: i dteannta, i mbuaidhreamh. Nár bh'é an t-anchás é orm, airgead siar, síos agam a's gan aon áit ar oscailt go bhfaghainn biadh ná deoch: cruadhtan. D'fhág duine des na múinteóiridhibh an fhuireann múinte mí roim an scrúdughadh agus d'fhág san an scoil in anchás: i dteannta. Ní h-anchás leis seal den lá do chaitheamh díomhaoin: is beag den saoghaltacht ann: ní chuireann sé buaidhreamh aigne air.

anchor: *f.1.* droich-íde, droichcheann, feall, éigean. Ní fágtar scian ná gabhlán (forc) aca (na geilteanna) ar eagla anchuir do dhéanamh ortha féin: go ndeinidís olc ortha féin. Iarr-se leabhar ar iasacht orm-sa airís agus an t-anchor do thugais ar an gceann so: é do stracadh nó do lat. Buidheach díobh? cad fuaireas uatha ach an t-anchor: níor bheartuigheadar liom mar budh cheart. Ná déin anchor ar an gcapall, ualach róthrom é sin air: ná bí dian tar ceart air. Go deimhin ní anchor do thugadar dom: fuaireas gach cóir, feabhas an uile ruda uatha.

anchroidhe: *f.4.* míorún, drochaigne. Níl aon anchroidhe agam duit d'aindeóin me do sheirbheáil: drochaigne. "Fágaim fé Dhia iad", ar seisean "i dtaobh me do mhaslughadh, níl aon anchroidhe agam dóibh, is mó mo thruagh dhóibh": níl aon drochaigne agam etc. Trí anchroidhe ní labharfadh sé go maith ar aonne: aigne olc, inntin neamh-mhuinnteardha.

anchroidheach: *a.* drochaigeanta, míorúnach. Dubhairt sé go h-anchroidheach lém mhnaoi go bhfeacaidh sé ar meisce me: le fonn díobhála. Ag cur síos do ar an tslighe do ghoirtigh sé a chomharsa bhí gach focal go h-anchroidheach aige: gan truagh, go dian, gomhamhail. Duine anchroidheach a bhuailfeadh fear ar an dtalamh: ná beadh carthanacht ná truagh ann.

anchrothach: (**anchrothamhail**) *a.* gránda, míochúmtha, truaillitheach. Níl aon ainmhidhe is anchrothaighe (anchrothamhla) liom ná franncach: gránda, déistineach. Tháinig sé ar an saoghal go h-anchrothach, cosa cama fé agus dronn air: míochúmtha, neamhchórach. Iasc anchrothach seadh an t-angalá: níl déanamh córach air. Is anchrothach an chuma tugtar ar an ndiall i bpeictiúir: cuma ghránda a scannróchadh thu.

anchruth: *f.* (*-otha*) mídhreach, míochumadh. Do thug an geimhreadh anchruth ort, ar éigean a aithneóchainn thu: crot olc. Ní fuláir nó tá an saoghal go h-aindeis aige, agus an t-anchruth atá air: clódh bocht, dealbh, drochshláinteach. Seanduine beag, lag, cromtha gan a anchruth ar aonne: clódh an-olc. Bochtanacht agus cruadh-obair do chuir anchruth orm: a thug chómh truaillighthe me. Caith dhíot an t-anchruth: croith suas tú féin: cuir anam a's misneach ionat féin.

an-chuid: *b.3.* cuid mhór, roinnt mhór, breis agus. D'fhág sé an-chuid Éireann airgid tréis a bháis: mórán mór airgid. Leis an an-chuid céille a bhí aige shaoil sé ná h-

éireóchadh faic do: méid a chéille (thar aonne eile). Sainnteamhail! ní dhéanfadh cuid thu gan an-chuid: gan bheith sásta le cion (fir). An dóigh leat go bhfuil an iomad daoine sa ghluaisteán? tá an-chuid ann: mós breis. Ó tá an-chuid agamsa, roinnfead leat: ó tá oiread agam a's ná teastóchaidh uaim. Sin an-chuid scríobhnóireachta, stad anois: cuid mhór mhaith.

anchúinse: *f.4.* cladhaire ceart, lúbaire, duine conntabharthach, droichghéag. Gheall sé domsa agus gheall sé dhuitse agus ghlac sé airgead ón mbeirt againn ach níor thug a ghuth d'aonne againn, an t-anchúinse: an rud fealltamhail. Nách é an t-anchúinse aonne bheadh ag achrann le n-a chóimh-Éireannach do chur áthais ar Shasana: cladhaire, ropaire, duine cam, conntabharthach. Nuair fuair an bhean bhórdála amuigh me do choill sí mo sparán agus dhearbhuigh gur sladaidhe a rinne é, nár bh'í an t-anchúinse (mná) í?: bean gan onóir, gan mheas, gan mhacántacht. Goideann sé an uile rud ar bóiléagar, ní dhíolann sé aonne, anchúinse seadh é: ropaire gan fearamhlacht. Níor mhór duit tú féin do sheachaint ar dhligheadóiridhibh, anchúinsidhe iad uile go léir chun airgid do mhealladh: fealltóiridhe cama.

anchúinseach: *a.* cam, lúbach. Coisde anchúinseach a bhí i mbun an chrannchuir, na trí chéad tuicéadaidhe do tairngeadh ní raibh ainm ná seóladh ortha ach uimhreacha, ní nách iongadh chúcha féin do chuadar: coisde clé, mealltach. Chuireas éadach air, thugas biadh dho ar feadh bliadhna, chómh luath agus fuair sé obair a's é neamhspleádhach ní fhéachfadh sé orm an suarachán anchúinseach: duine neamhfhearamhail cam truaillighthe.

anchúinseacht: *a.* camasghal, fealltamhlacht. Le h-anchúinseacht a bhain sé an fagháltas díom, do leig sé an oiread san cáirde liom go dtí go bhfuair sé i ngreim mé nách bhféadfainn díol agus annsan do scrios me: gliocas cam, feall i leith maitheasa. Ná bí ag brath air, bhuailfeadh sé an bob go tapaidh ort, is den anchúinseacht é: sé a dhúthchas bheith cam. Fuair sé airgead, toitínidhe, arán agus gannaidhe ar cáirde ón ngáineálaidhe bocht mná agus annsan do thréig sé í lé h-anchúinseacht: cladhaireacht, bitheamhantacht.

an-chumas: *f.1.* neart mór, cómhacht an-láidir, ionmhas mór, acfuinn. Le h-an-chumas a ghéag d'árduigheadh Saindeó capall san aer! neart míochuibheasach. Bhíodh an-chumas ag Sasana ar muir: loingeas iomadamhail, láidir. Sheasuigheadh sé an oidhche ar fad ag sluaisteáil san tsoirn gan tuirse lé h-an-chumas a ghéag: neart tar barr. Ar ar chaill sé d'airgead i dtógaint an droichid, mara mbeadh an t-an-chumas do bheith aige air (airgead) bhochtnóchadh sé é: airgead go flúirseach ar a chur: ionmhas mór. Thabharfadh Conndae na Midhe barra ar bharra, bliadhain ar bhliadhain a's ag dul i bhfeabhas do bheadh, tá an t-an-chumas ann: acfuinn tabhartha, fáis, saidhbhreas fearainn. Fuaireas an-chumas ar é do leagadh nuair ghreamuigheas ar scórnaigh é: cómhacht chomhthromamhail.

an-chúmtha: *a.* gránda, gan cuma thaithneamhach, fiartha, míochlóidh, máchaileach (máchailighthe). Cearachailidhe iarainn na tógála táid casta, lúbtha go h-an-chúmtha tréis an ghála: gan iad n-a gcruth ceart mar cuireadh iad. Scríobhnóireacht gach focal an-chúmtha de, nách bhféadfainn líne do léigheamh: na leitreacha scríobhtha, déanta go h-olc. Budh bhreágh an bhean í mara mbeadh go siubhalann sí go h-an-chúmtha: go mío-

chórach. Ní fheadrais an ag féachaint ort do bheadh sé nó nách eadh, lé n-a shúilibh an-chúmtha: fiarshúilidhe.

an-chúram: *f.1.* cúram nó gnóth mór, tábhachtach, géibhineach. An-chúram duit aire do thabhairt do chapall fhiadhain: cúram nó gnóth nách mór do a aire ar fad. An-chúram d'fhear seadh Gaedhilg, Béarla agus tíreólas do mhúineadh do dhá chéad buachaill: gnóth dian, duaibhseamhail. Níl aon eaga agam dul chun amharclainn ná caitheamh aimsire, tá an-chúram orm: mórchuid oibre lé déanamh agam. Sin an-chúram bheith ag tabhairt aire do dhaoinibh breóidhte: cúram ionmholta. Beidh an-chúram ort slighe bheatha do bhaint as an siopa san 'san cíos mór 'san t-íoc atá air, 'san comórtas ar fad atá id thímcheall: tá do dhóthain lé déanamh agat. Argónaidhe cliste seadh é, an-chúram duit é do chlaoidheachtaint: duadh.

an-chúramach: *a.* gnóthach go mór, tábhachtach, broideamhail. Bead an-chúramach ar feadh tamaill d'iarraidh teacht suas lé faillighe na seachtmhaine do bhíos díomhaoin: anghnóthach. Comhairleóir an-chúramach i gcúirt é, gach lá bíonn ag pléidhe do dhuine éigin: mórghnóthach. Cad is an-chúramaighe ná bheith id rúnaire ag an Uachtarán? go n-oireann an oiread aire agus imshnímh. Ná bac bheith ghom chomhairleach-sa, ní gádh dhuit bheith chómh h-an-chúramach im thaobh-sa: ag cur do chinn i rud nách mbaineann leat.

andána: *a.* neamhaireach, ceann-uaiscneach, ceanndáine, meardhána. Nách andána dhuit siubhal ar dhrom an tighe: dána gan chiall. Is andána an rud duit do ghluaisteán d'fhágaint annsan gan ghlas: ní aireach é do dhéanamh. B'andána an máirnéalach agus seóladh treasna na bóchna in árus beag deich dtonna: budh chuma leis buaidh nó cailleamhaint. Sheasaimh an ball go handána gan chabhair in aghaidh fiche fear: árdmhisneamhail. Deineann lucht na bpeictiúiridhe iarrachtaidhe andána ag léimeadh ar muin capaill de dhruim faill in uisce nó ag túirleang ó eitealleánaibh, i ngluaistheacht ar bhuaic traenach: gníomhartha dána, duaibhseamhla. Gníomh andána nó gníomh amadáin do lámh do chur i mbéal leómhain: misneamhail.

andánacht: *b.3.* misneamhlacht gan breitheamhnas ceart, míoruthag. Andánacht dob eadh codailt amuigh fén spéir sa gheimhreadh: gan ciall cheart do chaitheamh leis. A chuid andánachta do chuir an tinn air an pléascán beódh do bhualadh: misneach gan mhachnamh ar cad tharlóchadh dá dhruim.

andóchas: (**anndóchas**) *f.1.* dóchas thar ceart, gan meas tuillte, gan urraim; uallachas, mursantacht. Peaca seadh anndóchas as trócaire Dé: an iomad dóchais as Dhia gan aithrighe nó cúiteamh do dhéanamh sa peacaidhibh. Nách anndóchas do dhuine gur feárr é ná aonne eile: dóchas, muinghin gur dheacair cur leis. Anndóchas, a dhuine bhoicht, seadh dhuit bheith in ionchas go bpósfaidh bean shaidhbhir thu: muinghin dhall. Níl aon anndóchas agam asam féin ná go dtoghfar mé mar Theachta Dála: ní h-iomad muinghine dhom é. Ní lé ceal a anndóchais as féin chun a bhearta do choimeád a chur in iúil do go dtáinig a thuiteam go h-oban, gan choinne air: ró-mhuinghin. Is mór an t-anndóchas do ghligín Teachta Dála tarcuisne do thabhairt don Uachtarán: mursantacht: éileamh rómhór

measa air féin. Bheadh muinghin agam as a thuairm, fear gan anndóchas seadh é: ní ar a shúil ach ar chosamhlacht a bhunuigheann sé a bharamhal.

andóchasach: *a.* rómhuinghineach. Is me bhí go h-anndóchasach go mbeadh togha bídh agam óm mhnaoi bórdála, ach, mo lagar! fuaireas díg: níor chaitheas ciall cheart leis an gcosamhlacht a bhí ar an scéal. Ná bí anndóchasach as an dtoghadh go mbeidh an bhreis againn gidh go bhfuilimid chun cinn go mbí an toradh ar fad againn: ná dein deimhin ded dhóchas.

andóigh: *f.3.* neamhchosamhlacht; áit nách cosamhail go mbeadh rud ionfhaghálta; duine, áit nó rud nách dócha go mbíonn an rud a bhíos ar iarraidh lé fagháil. Andóigh seadh an loch so chun éisc do mharbhughadh innte, ní h-eól dom rath ar iascaire riamh uirthe. Andóigh óir seadh an gleann san, ní h-eól go bhfuairtheas uinge dhe ann riamh: áit nách deallramhthach a thabharfaidh ór. Tásdáil an fear san, ní h-aon andóigh é, níor airigheas gur eitigh sé aonne riamh: ní cosamhail dréir a ghnátha ná go dtabharfaidh duit an rud atá uait. Andóigh seadh an capall i gcóir an ráis: níl aon deallramh go mbuadhfaidh sé. "Andóigh cruithneachta seadh aon bhall d'Éirinn" ars an teachta, go dall, feargach: níl aon bhall innte go bhfásfadh cruithneacht ann. Iongtas do chuir sé orm go bhfuaireas iasacht na n-úirlisidhe uaidh a's gur shaoileas gur andóigh cheart é: duine ná raibh tuairm a dtabhartha uaidh agam. Riamh níor phós sé, andóigh mná dob eadh é dar leis na mnáibh: níor chéile oireamhnach é. Andóigh airgid seadh bannc gan urradhas maith: áit neamhdheallramhthach. Andóigheanna b'eadh na daoine gur iarr sé ortha labhairt ar an gcruinniughadh: níor aontuigh aonne aca. Chuarduigheas dóigh agus andóigh d'fhéachaint an raigheadh aonne i mbannaidhibh orm, ach theip, agus d'fhanas i mbraighdeanas: gach duine go raibh súil agam do dhéanfadh san dom nó go raibh amhras agam go ndéanfadh.

andóghach: *a.* neimhinmheasta, gan áirighthe ratha, neamhgheallamhnach, cosamhail go dteipfeadh. Áit andóigheach crann seadh oileán scéirdeamhail: ní h-inmheasta go bhfásaidís ann. Fear andóghach airgid seadh bacach: ní mór an chao atá ar é d'fhagháil aige. Cléireach andóigheach a bhíos déidheanach, faillightheach, a theipfidh is eagal liom: gan aon gheallamhaint ratha.

andoircheacht: *b.3.* doircheacht anthrom, doircheacht a ghoilleas go mór, daille. Do dhall an andoircheacht (anndoircheacht) amach me gur shiubhalas amach de scéimh an ghleanna mar bhein ar bholg an bhóthair: doircheacht mhór, chómh dubh lé pic. Is éigean do garsún dá threórughadh ar láimh, tá an anndoircheacht ar an bhfear mbocht: daille, giorradh mhór radhairce.

andrólaidhe: *f.4.* fánaidhe. Filleann an t-andrólaidhe abhaile nuair is call do: an seachránaidhe nách gcuimhnigheann ar an mbaile. Cá bhfuil t'andrólaidhe mic an aimsir seo? mac nách gclaoidheann le h-obair an tighe ná leis an dtigh féin. Sin andrólaidhe cait, ní fheadar cé leis é a bhuail chughainn isteach an lá fé dheireadh: fánaidhe cait.

anduairceas: *f.1.* mórbhrón, díoshubháilceas, míoshástacht. Chuirfeadh míoshuaimhneas na gcómhacht agus na gcineadh ar fuaid an domhain anduairceas ar chroidhe aonne, an

scrios a thiocfadh de achrann eile: brón mór. Cuireann an fuacht millteach so anduairceas orm, dathacha a's tinneas dá dheascaibh: míoshástacht cuirp a's aigne. Téidhimís chun an amharclainn, beidh gáiridhe a's seódh againn, scaipfidh an t-anduairceas díot: dubháilceas: aigne dúr neimhmheidhreach.

andúil: *b.5.* (*-ach*) guilm, flosc míochuibheasach, mian colna, cíocras. Bhain andúil an airgid a mheabhair de, ghá shádhadh i bpollaibh a's i gcúilibh, ar eagla chaillte: mian gan teórain. B'fhada mar fhear fós é mara mbeadh gur mheil sé féin lé h-andúil an tsaoghail: mhairfeadh sé fós ach gur mhairbh é féin le h-iomad saothair chun airgid do bhailiughadh. Ná raibh andúil feóla ar an bhfear a ith deich bpúint mairtfheóla i dhá mbéile: fonn, mian, doshásamh ithte: cíocras. Neamhthrócaireach, neamhscrupalach do bhíodh na dubhchrónaigh le handúil fola lé h-aonne bheadh i ngreim aca. Ní chongbhóchaidh an saoghal cat ó iasc le n-a andúil ann: mian árdchíocrach. Andúil colna seadh drúis. Gach lá chidhtí é ag síorlorg ameasc na siopaidhe le h-andúil i gcéadeagaraibh leabhar: flosc, mian a bhfaghálta. Dá mhéid t'andúil san gcigireacht ní thoghfar thu: d'aindeóin an deabhaidh is an mhiana atá ort. Níl ar dhruim na cruinne talamh ná dúthaigh gur fiú faic é nách é andúil Shasana é do bheith aice: fonn a bhíos uaithe do chur i bhfeidhm.

anfa: *f.4.* eascal, stoirm fhiadhain, spéirling; scannradh. Níl aon teóra lé h-anfa an Mhárta, scriosann sé roimis: gála nimhneach. Ní fhágann an t-anfa adtuaidh, nuair thagann sé i gceart, screatal ann toisc a bhéal a bheith ó thuaidh: stoirm ró-láidir. Tháinig scoilt i bhfalla an túir le h-anfa na mbliadhan: droichshíon ar dhroichshín. Tuar anfa seadh na faoilinn go léir do bheith 'n-a luighe ar an dtalamh nglas: cómhartha stoirmeach ón bhfarraige. Anfa gaoithe, báistighe, etc.

anfamhail: *a.* fiadhain, feannaideach, scannrruightheach. Aibhnte ag scéitheachtaint, tighthe ghá fhuadach, brat sneachtaidh ar na tíorthaibh, geimhreadh níos anfamhla 'ná é níor h-airigheadh le fiche bliadhain: níos mó stoirmeach is an uile-shaghas droichshíne. Cá bhfaghfá áit is anfamhla ná Na Blascaodaidhe? is measa aimsir. Bhuail sé anuas an tsráid go h-anfamhail, ag bagairt 'sag béicigh: go fiadhain, buileamhail.

anfhocal: *f.1.* drochfhocal, focal malluighthe, tarcuisneach. Anfhocal níor labhair sé ar aonne riamh: focal mícheart. "Mallacht Dé go deó ort", ar seisean; do b'shin anfhocal. Bhuaileas é toisc bheith ag tabhairt anfhocal dom: tarcuisne.

an-fhocal: focal maith, cóimhlíonach. Dá mbeadh an-fhocal fir agat ní raghfá i gcois do gheallamhna: dá mbudh fear dréir t'fhocail thu chóimhlíonfá an rud do gheallais. Seán: "Ní thógfainn méar ar son na dúthaighe" – Séamas: "Nílim-se mar sin": "an-fhocal a Shéamais": cainnt fhearamhail. Ná dein aon amhras de ná go dtacóchaidh sé leat 'n-a gheall, tá an-fhocal aige: ní théidheann sé i gcois aon nidh. "Sé dualgas an dreama go bhfuil an cumas aca cuid dá ngustal do dhul chun an dreama atá n-a riachtanas!", ars an t-uachtarán. "An-fhocal", arsa teachta: cainnt fhearamhail, chiallmhar.

anfholláin: *a.* gan bheith sláinteamhail lé n-itheadh, galarach, olc. Biadh anfholláin seadh iasc gan é itheadh go luath tréis beartha air: ní maith sa ghoile é. Tír anfholláin don

bhfear mbán seadh an Afraic: ní buan, sláinteamhail a bheatha ann. Té ró-fhada ar tarang, deoch anfholláin seadh í: dhéanfadh sí díobháil sláinte. Is anfholláine bheith ag obair istigh 'ná bheith ag obair amuigh: is measa don sláinte é. Daoine anfholláine go raibh an eitin de dhúthchas ionta iad, nár mhair aonne aca le bheith aosta: ná raibh complás láidir, sláinteamhail aca.

an-fholláin: *a.* sláinteamhail go mór lé n-itheadh, le maireachtaint ann; le h-obair etc. Tír an-fholláin gan breis fuachta ná teasa seadh Éire: gheibheann sláinte a's saoghal fada innte. Biadh an-fholláin 'seadh cruithneacht: go maith lé n-itheadh, don gcorp. Cloch deacair lé briseadh í sin, tá cuma an-fholláin uirthe: láidir, dochaithte, taithigeach, acmhuinneach.

anfhórlann: *f.1.* géibheann, tromchroidheacht, ruathar. "Och! an t-anfhórlann atá orm le cumhadh i ndiaidh na bhFiann", arsa Oisín: an duairceas san tromaidheacht croidhe dá n-éagmais. Níor fhág anfhórlann an ghuna mhóir pioc den luing lé chéile: foirneart, cómhacht ró-láidir na bpiléar: déineas an bhuailte.

anfhórlannach: *a.* géibhineach, géirleanamhnach, leathtromach, ruatharach. Dlighthe anfhórlannacha ghá meilt a's ghá gcrádh do chuir ortha éirghe amach: dlighthe diana. Ní raibh cogadh riamh nár fhág na tíortha fé cháin anfhórlannach d'iarraidh fiacha as d'íoc: cáin róthrom, ródhian. Dream anfhórlannach dob eadh tighearnaidhe talmhan, "cíos nó seilbh" dob é a bport: eaga ná comhthrom ní thugaidís d'aonne.

anghábhadh: *f.1.* rud nách gábhadh, nách riachtanach. Anghábhadh seadh ólachán: is féidir déanamh dhá cheal. Is leór scríobh chuige uair amháin, anghábhadh scríobh airís, tuigeann sé cad tá lé déanamh aige: ní riachtanas é chun aon nidh do chur in iúil. Nár bh'anghábhadh dhuit aibhle do chur id thigh a's geas ann cheana agat: rud ná raibh ag teasdáil.

an-ghábhadh: *f.1.* riachtanas rómhór, ceal mór. Tá an-ghábhadh le culaith nuadh agam, níl luid orm: teastuigheann uaim go dóighte. An t-an-ghábhadh is mó ar na h-Aibisínigh lón cogaidh: sin é is mó go bhfuil a easbhaidh ortha. Ní fada uaidh, is baoghal liom, tá an-ghábhadh lé dochtúir aige pé scéal: níor mhór do dochtúir chun a chóganta. Ná bí ag cnáimhseán níl aon an-ghábhadh ort: aon cheal mór.

angaid: *b.2.* duadh, conntabhairt, teannta, clampar. Beireann angaid an tsaoghail air má bheireann sé ar aonne, mísheól éigin i gcómhnaidhe: duadh. Do theip ortha sa cheannphort teachtaireacht do chur chugham, d'fhág san in angaid me, ní fhéadar ar cheart dom ionad ár namhaide d'ionnsaidhe nó gan: i dteannta, i ndraip, ar fionnraighe. "Troidfidh libh", ars an t-oifigeach, "tá an tigh in angaid a thógtha mara ruaigtear an cipe atá ar a chúl": i gconntabhairt. Nár bheiridh do namhaid in angaid choidhche ort: i dteannta nách féidir leat d'fhágaint.

anglais: *b.2.* aon deoch (go mórmhór té a's bainne) go mbíonn an iomad uisce ann, tanuighthe nó caoluighthe nó laguighthe rómhór. Ní mór an scabhárd id bholg an braon

den anglais thé sin: té nách mbíonn breis agus dathuighthe. Déanfair anglais ded bhraoinín beathuisce má chuirir a thuilleadh uisce ann: deoch ró-lag gan speach.

anghlas: *f.1.* glas nó greim nó cuibhreach dian, docht. Chuir sé fé chomaoin go minic me, fágann san fé anghlas me aige a chómhairle do dhéanamh níos minicighe 'ná mar is toil liom: i dteannta. Ní osclóchadh an diall féin iall na bróige seo pé anghlas a tháinig uirthe: greim doscaoilte. Tréis éaluighthe d'fhiche bráighe in aon oidhche do chuir an lucht ceannais an chuid eile in anghlas ná h-éalófar go bog as: greim nó feistiughadh nó coimeád daingean. B'ait leó cad é an t-anghlas a bhí orm ná rabhas ag teacht a's a súil anáirde liom: cad bhí ghom mhoilliughadh.

aniar: *d-bh.* ón aird thiar, ó chúl, ó bheith i luighe go bheith i suidhe. Gaoth aniar. Suigh aniar sa leabaidh: suigh suas ar do thóin. "An ó Thráighlí i gCiarraidhe tu?" – "ní h-eadh ach aniar amach ó Chorca Dhuibhne": chómh fada ó bhaile siar agus tá ann. Druid aniar ar an gcathaoir, tá a drom lag: suidh chun tosaigh breis uirthe. Druid aniar as an gcúine cois na teine: tair fé dhéin na teine as an gcúil. Chuir sé an mála aniar ar a ghualainn: cuid de treasna a ghualann agus cuid de thiar ar a ghualainn. Cuir brat éigin aniar ort, ná h-imthigh scúighte mar sin: clúduigh tú féin le binn nó casóig mhóir etc. Do briseadh a ghealarsaidhe agus dob éigean do crios do chur tharais aniar air chun a thriubhais do choimeád anáirde: tímcheall a choim. Chuireas mo lámh tharais aniar: do bharrógas é. Gluaiseann sruth chómhnaidhtheach aniar ón Oileán Úr: san treo ó etc. Aniar ós na seandaoinibh do thug sé an fhéile leis: trí dhúthchas. Á, a bhuachaill, tháinighis aniar dtuaidh orm a's b'fholláin duit: budh mhaith an bhail ort gur i nganfhios é. Chugham aniar sibh, a bhuachaillidhe, mo pharóiste dúthchais, is maith na h-imireóiridhe sibh, an fial me: mo cheól, mo chuisle sibh, a's tá a fhios agam go bhfuil a thuilleadh ionaibh. Nuair chidhtear rud nó duine (go mórmhór) ag teacht chun cinn deirtear, "chugham aniar thu": abú! Ná bíodh siar ná aniar agat leis sin, ól é: ná bí ag stilleáil, ól tapaidh é. Is fada siar 'saniar lé n-a bhreitheamhnas an breitheamh: gan teacht ar aigne chinnte (in ionad tapaidhin). "Tabhair dom leathchoróin, a athair, i gcóir na bpeictiúiridhe" - "má tá airgead agat, a leinbh, tairng aniar é": tóg amach é. Ní feadar an anoir nó aniar na daoine sin: níl eólas agam cad as iad. "An ghaoth aniar bíonn sí fial a's cuireann sí iasc i líontaibh". Ní thagann gaoth anoir ná aniar orm: ní bhuaileann ádh ná rath im threó. Tháinig glór gránda aniar as an bpoll: as thóin an phuill (poll ná beadh síos suas). Tá an bhean ag gabháil aniar: tá sí ar a h-aistear: torrach. "Cathain bheidh bhur ndeireadh aniar (tagtha ón áird thiar)?" ars an sagart le spailpínidhibh Chiarraighe nuair budh mhór leis a raibh aca ag teacht isteach 'on eaglais gan díol as na suidheachánaibh nuadha – "nuair bheidh ár n-aghaidh siar", arsa Eóghan Ruadh, a bhí ar an sluagh, go pras.

aníde: *b.4*. droichíde, críoch olc, droichdhéanamh, bás éigin. Thug sé aníde air féin mar bhí an inchinn corruighthe aige: chuir sé é féin chun báis lé díthcéille. Ná tugaidh aníde ar an arán san: ithidh i gceart é gan brúscar ná roilleach do dhéanamh de. Chuireadh an mháthair céile an leaschlann fé ghlas i seómra gan iad do leigeant amach agus iad ar chaolchuid bídh ag tabhairt aníde ortha: ceann olc. Thugadh an máighistir aníde dhúinn ghár mbualadh ar bheagán cúise: bhíodh sé go droichiomcharach linn.

aníos: *d.bh.* ón áit thíos, ó bhun, chun na príomháite, adtuaidh. "Tair aníos annso in aice liom", ars an cathaoirleach ó chúl an chruinnighthe nó ó áit éigin in achar nó anáirde ar an bhfléige (árdán). Tóg aníos den dteine an tualán tá an t-uisce ar deargfhliuchaidh: tóg ón dteine. Tá fáscadh aníos agus braon anuas sa tigh seo: tá uisce ag úscadh tríd an úrlár agus báisteach ag teacht tríd an gceann. Bhuail fear aníos amach isteach chughainn: ón dtuaisceart, nó ó lár na h-Éireann. Bóthar anshuaidhte i dtrucail seadh é tá stacáin aníos as: ag éirghe anáirde. Taosctar an bád, tá an sáile trithe aníos: tá sí ag tarang uisce. Thairng an ghaoth an crann aníos as a phréamhachaibh: ó bhun ar fad. Coirce ag teacht aníos: ag fás. Aníos as do ghoile anois é, an tú do ghoid mo bhróga nó nách tu? abair an fhírinne go pras. Sin í mo gheall ar an mbórd agus aníos ní thiocfaidh sé: ní chúlfad choidhche. Diall aníos ó ifreann nár bh'fhéidir breith i mball ná i mbearnain air: duine glic, cleasach. Treabhadh an gort aníos ón nguibhean: ón dtalamh cruaidh fén gcré thoraidh. Ní bhfuair sé faic as a chliabhlach aníos ná anuas: as a chliabhlach. Tagann bradáin aníos an abha ón bhfarraige: ó n-a béal. Aníos ó thóin puill: ó íochtar na mara, locha, abhann etc.

an-mhuinnteardha: *a.* lághach, mín, cneasda, caradamhail. Is annamh do bhíonn bean mhic a's máthair chéile an-mhuinnteardha: lághach, gan bheith ag achrann. Bíonn Liaimín an-mhuinnteardha liom nuair bhíonn airgead milseáin uaidh: iomchar agus fonn caradais air. Daoine an-mhuinnteardha seadh muinntir Dhún Chaoin, bíonn fáilte aca roim gach duine deóranta agus focal lághach: cneasda. Dob an-mhuinnteardha uaidh cuireadh do thabhairt dom teacht ar phroinn chúcha Lá Nodlag: caradamhail, deighmhéineach. Bí an-mhuinnteardha leis an gCeann más maith leat árdughadh tuarasdail d'fhagháil: mín, síbhialta. Do rinne sé cómhrádh an-mhuinnteardha liom, ag cur tuairisc ar bhuin liom, connus bhí agam agus mar sin de: leanamhnach, séimh, deaghchroidheach, deaghaigeanta.

anmhuinnteardha: *a.* mío-lághach, míchneasda, míocharadamhail. Seachain tú féin ar mhadra an tighe, ainmhidhe anmhuinnteardha é: nách mbeadh ceanamhail ort. Is ait liom an oiread tráchta do bheith ag siopadóir anmhuinnteardha mar é, ní bhfaghfá ach déanamh a ghnótha de chainnt as: neamhfhiafruightheach. D'éirigh diospóireacht anmhuinnteardha as díothchur na móide dílse do Shasana: eascháirdeach, namhadach.

ann: Nílim in ann Frainncis do labhairt mar níor múineadh riamh dom í: ábalta, ar mo chumas. Bhein in ann dul leat mara mbeadh go bhfuil orm fanacht sa bhaile: d'fhéadfainn. Dá mbein in ann tuicéid do cheannach bheadh cao gach aonne agam ar dhuais sa chrannchur: dá mbeadh sé ar mo chumas.

ann: *d.bh.* in áit áirighthe, ar marthain. "Connus tá an duine breóidhte indiugh?" – "ann as": cuibheasach, gan bheith ar fóghnamh ná ar olcas. Scoláire Gaedhilge ann as seadh é: measardha, gan puinn lé maoidheamh aige as a eólas. Níl mo phóca ach ann as: níl sé rótheann fé airgead. Ní gábhadh dhuit thú féin do mharbhadh lé h-obair ná ní ceart duit maolughadh rómhór, fan ann as: cómhshnáthach, ar an mbuille gcéadna. An dtabharfaidh an t-aire aon chabhair chun monchra do bhunughadh annso, cad deir sé? ní fheadar, is amhlaidh atá ann as aige: idir dhá chómhairle. Cad is peaca ann?: cad é an locht, an choir, an gníomh nó an mhanaois go dtabharfá peaca air? Cad is fear maith ann?: cad iad na

tréithe, cáilidheachta, nó beitheanna a bhíos ag fear maith? Cad is "cora" ann?: cad do chialluigheann an focal san? Níl aon amhras ná go bhfuil Dia ann: ar marthain. Bíonn fuacht ann sa gheimhreadh: braithtear é. Tá sioc, báisteach, drúcht, gaoth, doircheacht, gealas, grian, gealach, na réilthínidhe, scamaill, ceódh etc. ann: lé feicsint, lé brath. "Nách ann duit", ar seisean liom nuair chonnaic sé sa tsiopa me: táir annsan. Rugas air ag cur mo leabhair n-a mhála, "is ann duit" arsa mise: chídhim thu agus an nidh atá ar siubhal agat. "Is ann duit": cuireann sé áthas orm tu d'fheicsint. Dá mbeadh an luadar ann (im chosaibh) do raghainn ar do thuairisc: dá mbeadh áis mo chos agam. Ní fhéadfadh an dúthaigh sin dul chun cogaidh fós, níl an t-airgead ann: níl fagháil air aice. Is meathta an scata fear sibh, a's a bhfuil ann agaibh ná tabharfadh lámh cóghanta le fear broide: an méid mhór atá ar bhur líon. Ní chuirfeadh a bhfuil ann agaibh faitchíos orm: sibh go léir. A bhfuil ann d'airgead bíodh sé agat: an méid. Tá a bhfuil de leabharthaibh ann léighte aige: cuid mhór mhór léighte aige. Dia linn a bhfuil ann aca! an líon mór dochómhairighthe. An ann duit? tusa san áit gan choinne agam leat. An go Corcaigh atá do thriall? – is ann: is go dtí Corcaigh. Tigh go bhfuil teine ann, buidéal go bhfuil fíon ann. Cad ann go bhfuil do mhian? cad is mian leat? Cad ann is maith an spreallaire? an bhfuil aon mhaith leis ar aon rud? a bheith ann: ar an láthair ainmnighthe. Ná tóg aon cheann d'aon nidh déarfaidh sé, níl an chiall ann: aige. Dá mbeadh an fhoidhne ann ní bheadh aon achrann eatartha: foidhne n-a measc. Níl an t-airgead ar fad agat dom, cuir ann: cuir tuilleadh leis. Téidheann ann leis an bhfuacht: crapann sé. Thug an capall a raibh ann ag tarang an ualaigh: a neart ar fad. Níl feóil indiugh againn ach iasc – is maith ann é? ní h-olc é in ao'chor. Is maith an teacht ann é don ngarsún san: fás. Níl ag teacht ann in ao'chor (sa lamhnán): ag borradh. Ní raghad ar scoil indiugh – ann leat! imthigh ar scoil go mear. Ann nó as dom déintear an obair: peaca me bheith láithreach nó gan bheith. Ní rabhais ann an uair sin ná aon chuimhneamh ort: ní rabhais ar an saoghal ná aonne ag súil leat. Ní fheacas riamh ionnsaidhe dhá dhéanamh ar Éirinn ná go mbeadh sé ann: ullamh chun a cosanta. Is maith ann an t-airgead: lé bheith ag brath air más gábhadh é. Do chabhair ann a Sheáin! cuidigh. Is ann do bhíos d'iarraidh brughadh isteach 'on amharclann trís na daoinibh nuair teanntuigheadh mé i gcoinnibh an fhalla: is amhlaidh. Ní h-ann bheidhfeá ag magadh fé sheanduine dhearóil, a theallaire: ní h-amhlaidh, ní bheadh san i gceist. Ar lorg an ruda nách bhfuil ann: nách bhfuil lé fagháil. Seadh, níl sé ann feasda: tá sé marbh. Thabharfainn an leabhar ann go bhfeaca é do bhíos chómh deimhnightheach: i dtacaidheacht. Thabharfainn rud maith ann a bheith láithreach mar dhíolaidheacht as. Thug sé cúntas maith ann féin don gcúirt: níor chuir sé aon díombáidh ar aonne.

annamh: uair fáin. An mbír in Áth Cliath go minic? ní bhím; gach annamh a dtéidhim ann ní réidhtigheann sé liom: gach uair fhánach. An rud is annamh is iongtach: an rud nách dtárluigheann ach go fánach cuireann iongtas ar dhaoinibh. Táir ar meisce airís agus is annamh san agat (seanbhlas). Ó b'annamh leat teacht chughainn is oth linn nách féidir linn cóir níos fearr do chur ort: neamhminic. Ar ghéir an fear duairc sin riamh? is annamh é: ní go minic é. Seo! sin chúig phúint duit-se a Sheáin, trí púint duitse, a Liam. "Ó b'annamh leis an gcat srathar do bheith air" (seanfhocal): ní gnáthach airgead agam-sa ná aon nidh ar mo dheis agam, ach anois tá. Thairng sé bruighean i dtigh an tábhairne, rud nárbh annamh leis: is minic sin aige. Is annamh Domhnach ná tugann sé cuaird orainn: Domhnach fáin nách ndeineann. Ní h-annamh tinneas im chliathán: is minicighe ann é ná

as. [Ní cloistear an “mh” i ndeireadh annamh roimh “l”; is anna(mh) liom, leat, leis, léi, linn, libh, leó].

annamhacht: *b.3.* fánacht, teirce. Dá annamhacht a thagair chughainn is mó an fháilte bheidh rómhat: dá luighead turus. Dá annamhacht ólair is feárrde do shláinte: dá luighead uair. Ní raibh an máighistir sásta le h-annamhacht do thugainn freagra ceart air: a theirce uair: i dtaobh a mhinicighe do bhínn as an slighe. Maidir lé h-annamhacht do labhras leat ní h-aon chómhartha míomhuinnteardhais é: ní i dtaobh a luighead turus do labhras leat gur iontuigthe dhuit ná fuilim muinnteardha leat. A annamhacht do bhíonn airgead agam is beag an bhreis orm é: na tráthanna fáin fuara ní fiú trácht ortha.

annla: *f.4.* cos fhada, chaol. A annlaidhe sínte i luath na teine chaitheann sé a shaoghal: go díomhaoin ghá ghoradh féin. Nára fada go raibh t’annlaidhe sínte! go rabhair marbh. Á, a ghrádh gil, is iongtach na h-annlaidhe lé faid atá fé! nách aige atá na cosa sárfhada. Tabhair na h-annlaidhe den mbóthar anois, tá do mharcaidheacht caillte agat: caithfir é do shiubhal anois. Threabhaidh sé chómh doimhin sin go raibh cré go h-annlaidhe ar an gcéachda: an áit go raibh greim ag an dtreabhadóir air.

annlann: *f.1.* tarsann, sadhsa, nidh a chuireas faobhair ithte ar an ngoile, feóil, iasc, ím etc. le h-arán, prátaidhibh etc. Is olc an t-annlann salann le prátaidhibh: ní maith an cóngamh ithte é. Ó, ambaist, is maith an t-annlann iasc úr, ach don té gan taithighe uirthe cad is inmhianta ná mairtfheóil mar annlann! Is maith an t-annlann an t-ocras: an té go mbíonn ocras air is beag gábhadh lé tomhaltas áirighthe aige chun géarghoilidheachta do chur air. Déin annlann leis an méid atá agat anois, tá cion duine agat: bí sásta leis. An dóigh leat go mbainfead annlann seachtmhaine as an ngeannc tobac san? beart do dhéanamh leis. Nách bhfuil annlann aonne d’airgead i dtrí chéad púnt sa mbliadhain: oiread agus dhéanfadh a ghnóth. An bhfuil a n-annlann san de shaighdiúiridhibh maithe le fagháil in aon tír eile: an oiread céadna.

annósmhar: *a.* (**annósach**) gan bheith dréir nósa. Béas annósmhar ag daoinibh anois na mairbh do chur in eaglais thar oidhche in ionad iad do thórramh sa bhaile: tá an seannós briste. A Chóta, dob annósmhar liom thu an chéad lá do chonnac an filleadh beag ort, shíleas gur bhean thu: ní raibh do ghabháil ar aonne eile dá bhfeaca go dtí san.

annsa: *c.b.* (ionmhuin) ceanamhail, dílis. An bhean is annsa liom fén ngréin do thréig sí me: an bhean is mó go bhfuil cion agam uirthe. Ar an slighe ithiomráidhteach do labhartar ort annso ní h-annsa le h-aonne thu: níl cion ag aonne ort. Cad is annsa ná an t-anam? fan as an gconntabhairt: is mílse, ceanamhla. Dob annsa leis an bhfear a dubhairt “bás nó saoirse!” a thír do bheith fé riar a daoine féin: b’é mórmhian a chroidhe é.

annsa: (**annsacht**) *b.4.* grádh, ceanamhlacht. “M’annsa, a leinbh, tá truagh agam duit, as do choisín tinn”: mo ghrádh thu. Suidh ar mo ghlúin, a annsa, a’s codail: a leinbhín go bhfuil cion mo chroidhe agam ort. Thugas annsa dhi, ach mo mhairg níor thug a h-annsa dom: grádh. A Éire! m’annsa thu: is tu is ceanamhla lem anam, lém chroidhe a’s lém inntin.

an-oban: *a.* an-thapaidh, gan choinne lé. Baineadh dem bhonnaibh mé, tháinig an cúrsa an-oban orm: gan aon choinne in ao'chor. Deirtear gur bás an-oban crochadh: nách mbíonn sé i bhfad. D'imthigh sé an-oban: fuair bás gan mhoill, gan choinne. Fear an-oban seadh é, ná h-abair aon rud míoghnaoidheach leis: fear soifheirge. An-oban an rud é geas dá mbeadh solas n-a ghaor: soghlactha, bladhm. Éist lé n-a bhfuil le moladh agam duit, ná bí an-oban: míofhoidhneach. An-oban do léimeann cat ar luich: go pras, mear.

anoir: *d.bh.* ón áird thoir. Anoir thar Daingean dob eadh an fear a labhair liom: ón dtaobh thoir den nDaingean dob eadh é. "An ghaoth anoir bhíonn sí tirim a's cuireann sí brait ar chaoiribh". Nár fhillir anoir chugham: nár fhillir choidhche airís. Daoine anoir dob eadh an fhuireann luinge úd do fuaireamair amugha lé linn an chogaidh mhóir: ón dtaobh thoir den domhan. Chruinnigheadar ar an gcóimhthionól anoir 'saniar: ó ghach ball.

anois: *d.bh.* ar an uain láithreach. Do bhí sé annsan anois agam, cár imthigh sé? tamaillín beag ó shoin. Moilligh nóimint, bead chughat anois beag: gan moill ar bith. Anois díreach do chonnac duine dhá bhádhadh: tamaillín an-gheairrid ó shoin. Seadh anois (seadh anois is dóigh) fanaidh socair sa bhád: fanaidh socair ar eagla tionóisce. Seadh anois b'fhéidir go bhfuil a dhóthain príosúin fachta ag an alfraits: cúis áthais é. Nuair deintear nó thárluigheann aon rud a chuireas sásamh ar dhuine deirtear, "seadh anois". Anois an t-am agat má tá meas fir agat ort féin: ná moilligh troid. Anois a's airís a thagann sé: go h-annamh. "Anois nó riamh", ars an fear "atá agam labhairt": muna labhraim gan mhoill beidh sé ró-dhéidheanach. "Fear maith é" – "an eadh anois?" (lé h-amhras): an dóigh leat é?

anonn: *d.bh.* ón áit seo (taobh so go dtín taobh thall – is sia ón gcainnteóir). Anonn sanall thar an abhainn bíonn na sluaighte ag gabháil: ó thaobh go taobh. Is treise na feirmeoiridhe atá anonn fén bparóiste: isteach i lár an pharóiste. Imthigh anonn go Sasana, go dtín tOileán Úr: tamall ó bhaile thar lear. Druid anonn leis an bhfalla, beidh breis slighe agat ann: sall, go dtín taobh san. Cuimhneóchair ar mo chómhairle lá is sia anonn ná an lá indiugh: tamall fada de bhliadhantaibh san aimsir lé teacht. D'iompuigh anonn uaim: iompuigh do chúl ormsa agus t'aghaidh ar an dtaobh eile. Níos sia anonn ná an áit sin atá an dán lé fagháil sa leabhar: siar amach fá dhéin dheireadh an leabhair.

anórdaidheacht: *b.3.* ceal riar, órdughadh, ceal smachta, míochuibheasacht. Anórdaidheacht na beatha atá dhá chaitheamh agam, gan aire, gan meónaidheacht atá ag teacht liom: ceal aire chórach do thabhairt dom. Díolfair as t'anórdaidheacht, an dóigh leat gur féidir leat do chuid oibre do dhéanamh de ló agus t'oidhcheanta do chaitheamh lé ragairne a's póit? ceal smachta. Lé linn cogaidh is gnáthach anórdaidheacht ameasc daoine: ní chaithid a mbeatha mar chaithid in aimsir síothchána: téid thar teórainn.

an-órdaidheacht: *b.3.* smacht, riar, órdughadh ceart. D'éirigh leis an siopa mar bhí an-órdaidheacht ag gabháil leis: riar is oibriughadh ceart. Pé cathughadh nó buadhairt a bheireas ort déin an-órdaidheacht ort féin agus ní baoghal duit: aire agus smacht. Bíonn an-órdaidheacht ar scoil: gach nidh n-a cheart.

an-órduighthe: *a.* fé riar ceart. Tigh an-órduighthe nách bhfuil aon nidh ar mí-imtheacht ann atá aca: gach aon rud a bhaineas leis go sásamhach, ceart. Caitheann sé beatha an-órduighthe, ní théidheann sé thar cailc ar aon rud: saoghal aireach.

anrath: *f.3.* drochrath, mío-ádh, ceal dul chun cinn. Is cuma cad chuirfinn romham, ní éireóchadh liom, anrath do shíor sa mhullach orm: mío-ádh. An áit go mbíonn an t-anrath níl aon dul as. Sin iad mo chlann imthigthe n-a nduine a's n-a nduine uaim n-a mbeatha sláinte: mío-ádh dothuigthe. Bíonn tuicéadaidhe agam i ngach crannchur ach leis an anrath ní thagann aon nidh dá mbarr: gan aon éirghe bheith ós mo chionn. Is anrath dhom mo thuarasdal do laigheadughadh lé linn dhom tigh nuadh do cheannach go daor: cur siar mór orm.

an-rath: *f.3.* rath iongtach, ádh na cruinne. Tá an-rath ort an t-airgead do chaillis d'fhagháil: budh mhór an t-ádh é. Mádh gach cárta a bhí im láimh, an-rath a bhí orm an turus so: ádh mór. Tá an-rath cloinne ortha, dáréag a deirir liom! d'ádh ortha an oiread san do bheith aca.

anrathach: *a.* mío-ádhach, mí-ádhmharach. Feirmeóir anrathach é, ní éirigheann an t-eallach leis: mío-ádh ghá leanamhaint. Piseóg fén dtuaith aca gur anrathach an rud peata coinín do bheith i dtigh: go dtagann drochrudaidhe dá chionn. B'anrathach an turus do thug sé go dtín Oileán Úr, pingin níor thug abhaile as: turus ná raibh éirightheach. Capall ráis anrathach dob eadh é tréis ar thugas air nár bhuaidh rás riamh: capall nár lean ádh é. Bannc anrathach go bhfuil mo chuid airgid ann – púnt fén gcéad, an biseach: gan puinn maitheasa.

anródh: *f.1.* cruadhtan, buaidhreamh. Is bocht an crot atá orm, sin é deir anródh an tsaoghail liom, dealbhas, obair chruaidh, droichbhiadh: cruadhtan. Ní fuláir nó rug anródh ar an luing sin, níl seól uirthe nách bhfuil n-a ghiobalaibh: drochaimsir. Ná bíodh aon imshníomh ort i dtaobh do mhic, fear seadh é nách gcuirfidh aon anródh air féin: ní chuirfidh sé aon duadh air féin do dhéanfadh a dhíobháil. Cad é an t-anródh éirigh duit go bhfuil súil dhubh agat? díth nó tubaist. D'éirigh anródh éigin don eiteallán nách feas choidhche nuair thuit sí n-a bhladhm i bhfarraige: tubaist éigin. Rug anródh an domhain ar an nGearmáin i rith an chogaidh: cruadhtan gur dheacair a fhulang lé n-a ghéire. Shaoil Sasana sinn do chlaoidheachtaint le h-anródh cánach do chur ar ár n-earraidhibh: tromaidheacht. Cad so anois ar mhac an anróidh anois? ar an té go mbíonn rud éigin bun os cionn leis go minic, minic. Ceangailte as bhád bhéal-fé i rith na h-oidhche, b'shin anródh agat: fulang. Ní leath anróidh anois dom mo chuid oibre ós féidir liom dul ann ar an ollcharbad in ionad é do shiubhal: leathduaidh.

anródhach: *a.* dian, uathbhásach, neamhrathmhar, tubaisteach. Saoghal anródhach é seo ag lucht oibre i ngach dúthaigh, tá na sluaighte díomhaoin: dian lé maireachtaint. Gluaisteán anródhach atá agam – stadann sí go minic a's ní fheadar cá bhfuil a locht: duadh ag baint leis. Aimsir anródhach do chapaillibh seadh aimsir sheaca: dian ortha siubhal. Obair anródhach seadh bheith ag iomchar ghuail as íochtar luinge: marbhthach. Duine anródhach nách bhfaigheann cao ar shuidhe i rith lae ná d'oidhche, gnóthaidhe dhá dhalladh: deacair a's duais éigin air. Imtheóchaidh cuimhne t'anróidh lae uait nuair

shínfir san leabaidh sheascair seo: deacrachtaidhe an lae go léir. Dar le fear tighe gur anródhaighe a shaoghal ná saoghal a chéile: gurb iomdha de dhuadh an tighe do ghabhann sé.

anshásta: *a.* gan sásamh, míchéadfach. Freagra anshásta seadh "b'fhéidir": freagra ná sásódh duine. Fear anshásta dob eadh é nuair dubharthas leis nách raibh tuilleadh gnóth dhe: míchéadfach, milleánach, gearánach. Dá mbeinn anshásta leis an gcuideachtain ní fhanainn n-a measc: míoshásta, duairc.

an-shásta: *a.* sásta go maith. Béile mhaith caithte agam gan mairg sa tsaoghal ná ceal orm, táim an-shásta: gan aon dochma orm.

anshástacht: *b.3.* míoshuaimhneas, neamhshocracht. Ní bhraithim go ró-mhaith, tá anshástacht éigin orm tímcheall mo chroidhe: níl sé socair suaimhneasasch ann. Ní bhfuair an chuallacht aon locht air, lé h-anshástacht d'fhág sé sinn: níor shásamh leis bheith againn. Dá anshástacht atáir liom cad fáth go mbroicir liom? cé nách sásuighim thu, ní scarfá liom. Ní maith an tuar seasta d'aon riaghaltas anshástacht na ndaoine fé cháin thrup, ceal oibre, gannchar airgid: gan bheith sásta lé n-a n-aiste maireachtanta.

ansmacht: *b.3.* tíorántacht, lámhláidir. Ansmacht a mhná ná leigfeadh do pingin airgid do bheith n-a phóca aige: déine gan aon bhogadh, géire cómhachta. Ansmacht an lucht airgid atá dár gclaoidheadh, ag obair dóibh mar bheadh daoir, tráthanna fada agus beagthuarasdal: cómhacht gan trócaire, gan aon mhotháilt don ndream atá fé n-a gcumas.

an-smacht: *b.3.* smacht maith, fé riar cheart. Scoil seadh í go bhfuil an-smacht innte, gluaiseann an gnóth go réidh socair: gach aon rud in órd cheart. Conghaibh an-smacht ar do chlainn más áil leat iad d'éirghe suas 'n-a bhfearaibh a's 'n-a mnáibh ionraice: bídís féd chómhacht ionnas ná déanfaidís faic as an slighe.

anshocair: *a.* gan seascaireacht, neamhréidh, garbh, deacair, crosta, corrthónach. Traen anshocair í seo shuathfadh sí an t-ineathar ionat: ní seascair í: corruightheach. An bhfuil aon rud ar maoith agat? – táir anshocair, níor shuidhis ó mhaidean? gan suaimhneas. An geimhreadh an t-am go mbíonn an fharraige anshocair: garbh, fiadhain. Ceartuigh an chathaoir anshocair sin atá guairneánach fút: ag corruighe. Caithfear an clár do phlánáil, tá uachtar anshocair air: garbh, neamhmhín. Toisc an long bheith anshocair agus eagla ar a sealbhthóiridhibh go mbuailfí a béal fúithe a's ní leigfí thar bóchna í: corrthónach. Daoine anshocra ag síor-achrann, dob í an teist a chuir Sasana amach orainn: crosta, gan fonn suaimhnis.

an-shocair: *a.* socair go maith, socair chun sástachta dhuine. Fan an-shocair leis an áras lán san nó doirtfir é: go réidh, mall. Gluais go h-an-shocair ag nochtadh an chúinne ar eagla aonne bheith ag teacht id choinnibh: go mall, aireach.

anshocracht: *b.3.* ceal seascaireachta, míréidhe, gairbhe, deacracht, neamhionannas. Níor fhéad sé na trí míle do shnámh le h-anshocracht na mara: gairbhe. Chuir anshocracht an bhóthair, árdán annso ísleán annsúd, moill orm: gan é bheith réidh. Tháinig

anshocracht a bheatha leis, biadh caol, obair chruaidh, droichthigheas: gan aon aoibhneas. Anshocracht fhearais stiúrtha an ghluaisteáin budh bhun leis an gcinneamhaint: fearas gan daingneacht. Anshocracht na bróige ar mo chois do gearraidh mo shál: gan an bhróg do bheith réidh n-a ceart orm.

anshógh: *f.1.* gádhtar, crádh, ceal. I sógh agus in anshógh sé an fear céadna é: cúis ghearáin nó cúis áthais ní atharruigheann é. Anshógh na h-oidhche úd a chaitheas lé n-a thaobh ag faire air ag éigheamh le tinneas, ní imtheóchaidh as mo chuimhne go luath: fulang agus neamhshonacht. Anshógh leis aonne bheith go maith as ach é féin: cuireann sé crádh air.

anshóghach: *a.* truaghánta, neamhshocair, neamhsheascair. Néal chodlata níor thuit orm san leabaidh anshóghach lé greadadh dreanncaididhe: gan seascaireacht. Oidhche anshóghach oidhche an tórraimh ag éisteacht leis na gárlachaibh ag caoineadh a n-athar: gan sult, duairc. Dá mhéid a chuid airgid maireann sé chómh bocht lé bacach an bhóthair, beatha anshóghach atá aige: gan sult ná compórd dhá bhaint aige aiste.

anstródh: *f.1.* buadhairt, crádh, bac mhoillightheach. Leig chun cinn me abhaile agus ná cuir aon anstródh orm léd chuireadh chun óil: moill a chuirfeadh as dom. Deifrigh chun an dochtúra agus ná beireadh aon anstródh ort nó is baoghalach don nduine bhreóidhte: ná moilligheadh faic tu, ar do bhás. Chuiris anstródh an diaill air go ndubhrais gur droichGhaedhilg a bhí aige: olc, crádh.

anshúgach: *a.* duairc, dochmamhail, neamhmheidhreach, dúr. Níor ghrádhas riamh cuideachtaidhe anshúgacha, gan deoch, gan greann: duairc. Níor chuala riamh agat ach eachtra anshúgach, ar bhain do scéalta gáire as aonne riamh? eachtra dhúr gan sult. Is anshúgach liom dul agus a innsint do go bhfuil drochchroidhe aige: dochmamhail. Deocha anshúgacha mar té a's bainne is beag aige iad: mímhisneamhla. Teine anshúgach gan bladhm gan teas oidhche fhuar mar seo: teine nách gcuirfeadh subháilceas croidhe ort suidhe chúiche.

an-shúgach: *a.* an-mheidhreach, suairc, soilbhir, subhach. Oidhche an-shúgach dob eadh í, rinnce, ceól, amhráin a's seancháirde nách bhfeaca leis na ciantaibh: meidhreach, do chorróchadh do chroidhe lé lúthgháir. An meanga gáire, an sméideadh súl atá aige, cómhartha go bhfuil sé an-shúgach: árd-chroidheach, gan faic ghá bhuaidhreamh. Bíodh Nodlaig an-shúgach againn agus ruaigimís buaidhreamh a's crádh: scléipeach, glórach, soimheanamnach.

antoil: *b.3.* ró-mhian, droichmheón, ceanndáine, fonn leanamhaint dá shlightibh féin. Tá sé ceangailte orainn antoil na colna a bheireas sinn i mbuaidhreamh anama agus cuirp do sheachaint: mianta láidre, dúlmhara. A antoil féin ná déanfadh rud ar aonne bheadh ar mhaithe leis, a thug an uile mhío-ádh air: ceanndáine a thola ná géillfeadh do dheaghchómhairle. Duine antola a bhriseas gach dlighe do rithtear lé faltanas poilitidheachta: daoine go mbíonn meón olc aca.

antoileach: (**antoileamhail**) *a.* ceanndáine, stailceach, dúr. Ná bí chómh h-antoileamhail a's ná déanfá rud orm teacht abhaile agus tú ag teasdáil: ceanndáine. Duine antoileach ná h-éistfeadh lé neach ach leanamhaint dá thuairimidhibh féin: duine daingean, dúr, dochorruighthe. Gluais gan a thuilleadh áitimh, ná bí antoileach (antoileamhail): dréir a chómhairle féin.

antráth: *f.3.* am mío-chuibhe, ró-dhéidheanach, ró-luath. "Sé a antráth agat é", deirtear lé duine ná bíonn in am cheart, oireamhnach i gcóir ruda éigin thábhachtaigh. In antráth do tháinighis maidir lé biadh, tá an phroinn thart: oireamhnach, caothamhail. Ní bheadh a fhios agat cathain thiocfadh sé, duine antrátha é: duine nách mbíonn ar an am gceart. Rángamair ar an bhfód ar an antráth, ní raibh fear d'fhuirinn an bháid le fagháil: ródhéidheanach. Bí ar d'aire in am as in antráth: i gcómhnaidhe.

antráthach: *a.* gan bheith den am cheart, sa tsaosúr cheart. Uain antráthach duit teacht ar meádhon oidhche: uain ródhéidheanach. Antráthach an t-am coirce do chur san Mheitheamh: ní h-é an saosúr chuige é. Dá leigidís dos na dubhchrónaigh teacht níos giorra dhóibh agus gan caitheamh go h-antráthach ortha do mharbhófí an uile dhuine dhíobh: róneamhfhoidhneach.

antráthacht: *b.3.* neamhoireamhnacht aimsire. Ní bhfaghfá rud lé n-itheadh in antráthacht mar seo – a dó a clog ar maidin: am neamhoireamhnach. Cuireann antráthacht na h-oidhche uaigneas orm: déidheanaighe.

an-tráthamhail: *a.* díreach in am, mar bheadh an nimh ar an aithne. Go h-an-tráthamhail bhuail Seán liom ar an sráid agus mé díreach ag dul amach fén dtuaith ag triall air: ar uain d'oir dom go cruinn, caothamhail. Nách an-tráthamhail do shroicheas é agus é díreach ag dul fé loch: in am mhaith. Díreach agus an bannc dhá dhúnadh do shroicheas an doras go h-an-tráthamhail, nóimint eile agus ní leigfí isteach mé.

antráthamhail: *a.* gan bheith in am, gan bheith déanta nó gan a theangbháil ar an am gceart: neamhchaothamhail, roimh ré. Do ráinig cabhair na Frainnce go h-antráthamhail i Luimneach, mar bhí connradh sighnighthe idir Shasana agus Éire: ródhéidheanach, ar uain nár bh'aon mhaith í. Ar a sé a chlog um thráthnóna seadh bhíonn an phroinn ar siubhal sa tigh ósda, ránguigheas ann ar am antráthamhail, a cúig a chlog: ró-luath. Am antráthamhail eisiridhe d'fhagháil seadh an samhradh: ní h-é a saosúr é. Ná cuireadh a theacht ar an uain seo aon iongadh ort, ní fheaca riamh ach antráthamhail é: ródhéidheanach nó róluath. Díreach agus an sladaidhe ag fágaint mo thighe agus é coillte aige dob antráthamhail do go rabhas ag teacht isteach an doras 'n-a choinnibh: am do chuir bun-os-cionn é.

antrom: *f.* brón, cuing. Sin é an fear a thiocfadh chun do chóganta dá mbeadh antrom ort, buadhairt bháis, nó easnamh ar bith: brón nó buaidhreamh. An uile lá léighfeá ar an antrom atá ar bhochtaibh, tuarasdal beag, costas mór maireachtainte, droichthighthe etc.: leathtrom, lámh throm.

antuigse: *b.4.* neamhchríonnacht, ceal tuigse. Antuigse dhom dob eadh ameasc daoine iasachta a rádh go raibh mórán airgid ar iomchar agam: ceal tuigseana. Ní cóir do dhuine antuigse tabhairt fé rud a dhéanamh gan taithighe aige air: gan eólas.

antuigseach: *a.* gan eólas, gan críonnacht. Duine antuigseach ar fheirmeóireacht seadh máirnéalach: gan tuigsint. Ní fheadar ceaca budh antuigsighe dho do dhéanamh, a mháthair mhaith nó a bhean mhalluighthe do thréigean: ceaca budh lugha tuigseana, nó budh dhíthcéillidhe.

antúr: *f.1.* poll, cuas, nó oscailt mhór. Tá na céadta antúr déanta suas isteach fés na faillteachaibh ag an bhfarraige: poill mhóra: uaimheanna.

an-uabhar: *f.1.* tocht mór, goilleamhaint mhór chroidhe. Chuireas an-uabhar ar Liaimín nuair dubhart leis a lámh do thógaint as an subh, gur thosnuigh sé ag gol: do ghoill sé chómh mór san air. Nuair chonnaic sí a dreatháir ar lár ag scata fear agus nár bh'fhéidir léi faic do dhéanamh do chuir sé an-uabhar uirthe: ghoill sé uirthe go dtáinig tocht uirthe nár bh'fhéidir léi a mothálta do smachtughadh.

an-uaibhreach: *a.* an-mhórtaiseach, árd-aigeanta, mórdhálach. Nár bh'an-uaibhreach an gníomh do Phiaras Firitéar an chloch do thug an t-easbog do le cur n-a bhéal ghá rádh leis nár bh'fhéidir é do chrochadh faid choimeádfadh sé n-a bhéal í, nuair chaith sé uaidh í ghá rádh ná gairmfí fuighleach na croiche air féin go deó: beart uasal-inntineach: gníomh go raibh misneach mór ceal leithleachais agus spirid ann. Gníomh an-uaibhreach leis, do rinne Tomás an tSíoda ar thuigsint do go raibh a athair marbh i dtúr Lonndain, nuair chaith sé an claidheamh Stáit ar an gclár chúcha go dána, neamheaglach, dithmheasach i gCaisleán Atha Cliath: árd-uasal, árd-aigeanta.

an-uaill: *b.2.* glam mhór, árd. Nuair buaileadh an gadhar do leig sé an-uaill do gheóbhadh siar a's aniar tríd cheann: glam nó liach ghéar, gharg. Nuair chuir ár mbuachaillidhe báire ar bhuachaillidhibh an pharóiste eile do leig ár lucht leanamhna an-uaill a chualathas i bhfad ó bhaile: gáir shár-árd.

anuair: *d-bh.* ó ná, óir. Anuair ná fágfadh sé lár na sráide tréis bagartha air do sheirbheáil an gárda é: toisc, mar ná fágfadh sé. Anuair go bhfuil fonn ort fanacht annso thar mo chrois níl agam lé déanamh ach tú do chaitheamh amach: ó tá fút fanacht: toisc ná fágfá etc.

an-uaisle: *b.4.* (**an-uaisleacht**) uaisle mhór, uaisle thar bárr, oirdhearcas. Do bhí Brian Bóramha ar an-uaisle na hÉireann: daoine móra dréir beartha, beart is tírghrádha. Dob iad na Gearaltaigh an-uaisle na hÉireann lé n-a linn: go hárd ar mhaise fiúghantais, meanman agus tréithe. Ní leigfeadh an an-uaisle d'Eimit teicheadh as an ndúthaigh ar shon a bheatha féin gan fanacht ameasc na ndaoine a ghrádhuigh sé: an fhuil fhíor, an mianach thar meón.

anuaisle: *b.4.* truaillightheacht, úirísleacht. Sin fear nách bhfuil aon anuaisle ann, ní rinne sé gníomh sprionnlaithe riamh: ceal uaisleachta, ceal a bheith ann nidh neamhfhearamhail

do dhéanamh. Níor ghearán sé riamh dá mhéid tarcuisne neamhcheart do fuair sé ó n-a namhaid mar nách raibh féith na hanuaisle ann: beaginntin.

an-uamhan: *f.1.* scannradh ró-mhór, scannradh saoghalta. Coighcíos i mbád béaloscailte ghá thuargaint ag an stoirm ar fhíorbheagán bídh agus gan aon uisce ach uisce na báistighe ar bh'iongadh an-uamhan ortha: scannradh do-innste.

anuas: *d-bh.* ón áird thuas fé dhéin an chainnteóra, ó neamh, andeas, n-a luighe ar rud, aniar (aimsir). Bhuail sé anuas an cnoc: ghaibh ó threó mhullaigh an chnuic chun a bhuin. Tá an diall anuas ort ná fanfadh socair, lé h-ól, chun cártaidhe, le mallaightheacht, le h-olcas, le gliocas: ní féidir buadhachtaint ort, níl aon teóra leat. Cuir an t-éadach anuas ort féin (san leabaidh) ón bhfuacht: clúduigh tú féin go maith. Duine rócham seadh thu chun aon tsuas ná anuas do bheith agam leat: aon bhaint, aon chonbharsáid, gnóth nó cúram. Is breágh leis bheith suas agus anuas lé daoinibh móra: bheith n-a gcuideachtain. Tá an chú san ródhaor ar chúig phúint; mara dtagair anuas dhá phúnt ní bheidh aon mhargadh eadrainn: mara luigheaduighir an luach. An chéad uair do bhuail sé liom shaoileas gur dhuine anuas ó Neamh dom é: cos ón aer, duine iongtach. Níl aon rud a deintear mícheart ná go mbítear ag teacht anuas ormsa n-a thaobh: ag cur an mhilleáin orm. Chaitheamair an seól do bhaint anuas nuair d'árduigh an ghaoth: do thógaint ar bórd. Chuala lá thu ag cúlchainnt orm agus ó shoin anuas is beag é mo mheas ort: ón lá san go dtí so. Bain anuas mo stocaidhe: bain díot iad. Bainfead anuas cuid den meas atá fút: ísleóchad tú. "An fada duit id chómhnaidhe san áit seo?" – "leis na bliadhantaibh anuas": lé fada. Léan anuas air mar scéal: go raibh léan gan leigheas air (táim cráidhte aige). D'imthigh slinn de bhuaic an tighe agus tháing an braon anuas: an bháisteach isteach (an fliuchra). Ghaibh long mhór anuas indé: andeas. Uair amháin do bhí maoin a's talamh aige, anois tá sé beó bocht, is mór an teacht anuas sa tsaoghal é: an dul siar, an dul chun deireadh. Bain díot anuas: caith dhíot do chuid éadaigh ar fad. Cógnamh anuas: cabhair ó neamh. Anuas leat den gcapall: tuirling den gcapall. Anuas leis an seól: íslightear é. Níl sé ar fóghnamh anuas ón Nodlaig: ón Nodlaig go dtí so. A folt fionn óir anuas go bróig léi: ar silleadh léi.

anuasal: *a.* íseal, suarach, neamhmheastamhail. Beart anuasal duit duine d'eiteach nár eitigh riamh thu: suarach, neamhghalánta.

an-uasal: *a.* árdmheastamhaiil, meanmnach, onórach, maordha in inntin. Daoine an-uaisle dob eadh na Gearaltaigh nár stríoc riamh do namhaid. Lá agus Ó Grádaigh ag obair ar láimhscríbhinnibh Gaedhilge i seódlann na Breataine dubhairt freastalaidhe leis ná h-íocfí tuilleadh airgid as, d'éirigh sé agus é leathslighe trí líne agus bhuail amach, dhá chur in iúil nách ar son an airgid do bhí sé, b'shin gníomh an-uasal: gníomh móraigeantach.

an-uathbhásach: *a.* mór-eaglach, áidhbhéil, uathmhar. B'an-uathbhásach an oidhche do chaith an fear bocht ar chille báid gan súil lé cabhair ná saoradh: mór-eaglach. Nár bh'an-uathbhásach an scéal ag an mnaoi bhoicht é gur bádhadh a cúigear clainne in aon oidhche: scannruightheach. Cad é an rud is an-uathbhásaighe ná bheith i dtigh tóiteáin agus gan aon dul aige ar éalódh? uathmhar, critheaglach.

anumhal: *a.* aimhriarach, neamhghéilleamhail, doghluaiste. Ainmhidhe anumhal seadh asal go minic: deacair do chur ar gluaiseacht. Leanbhaidhe anumhla seadh leanbhaidhe ná deineann rud ar a muinntir: in aghaidh a ndualgais. Tréis na gcéadta bliadhain do fuair Sasana sinn chómh h-anumhal agus bhíomair an chéad lá do leag sí cos in Éirinn: gan fonn orainn stríocadh dhi.

anumhlacht: *b.3.* faillightheach i ndualgas, diúltadh do ghéilleadh. Briseadh an gárda trí anumhlacht, ní dheineadh sé na rudaidhe b'é a dhualgas do dhéanamh: diúltadh. Ní dhéanfadh an buachaill faic don mháighistir agus bhuail seisean é trí hanumhlacht: diúltadh dá dhualgas scoile.

aodhaire: *a.4.* duine a thugas aire (a bhíos i bhfeighil nó i mbun) do thréadaibh caorach (eallach etc.), do thigh nó d'aon rud. Cé hé aodhaire an tighe seo? an fear (an té) atá ag tabhairt aire dho? Is maith an t-aodhaire cearc sionnach (searbhas). Aodhaire maith tighe seadh abhac: cosantóir. Chaith sé seacht mbliadhna n-a aodhaire ag an dtighearna: ag tabhairt aire do bhuaibh a's do chaoiribh. An t-aodhaire fóghanta: ár Slánuightheóir. Aodhaire an phobail: cliar (sagart nó ministir) i bhfeighil eaglaise nó paróiste.

aoireacht: *b.3.* aire nó cúram tréada, paróiste nó eaglaise. Cé atá ag aodhaireacht an tsiopa so ó imthigh an té gur leis é? cé atá n-a bhun, ag tabhairt aire dho? Cuireadh na fir ghorma ag aodhaireacht na luinge briste: ag faire ná tógfí aon rud aiste. Tá líomatáiste mhór fé aodhaireacht na ngárdaidhe: fé n-a gcúram a's a n-aire.

aoibhinn: [**aoibhin**] *a.* áluinn, taithneamhach, sóghach, soilbhir. Is aoibhinn don té go mbíonn sláinte mhaith aige: is breágh dho. Cad dob aoibhne mar scéal lé clos ná gur bhuaidh duine triocha míle púnt ar an gcrannchur? is mó chuirfeadh sásamh ceart aigne ar dhuine. Grian agus teas, agus ciúnas farraige, nách aoibhinn an lá é: áluinn. Is aoibhinn port an lon dubh: chuirfeadh a chuid ceóil áthas a's sástacht ar chroidhe dhuine. Uain aoibhinn seadh tráthnóna samhraidh agus an ghrian ag dul i bhfarraige ar iarthar na hÉireann: do shásóchadh an aigne a's réidhteóchadh leis na smaointibh. Deirim leat nách aoibhinn an scéal ag aonne airgead do chailleamhaint: sásamhach. Is aoibhinn liom a chlos go bhfuil do shláinte airís agat: cuireann sé lúthgháir orm. Ní thuirseóchainn choidhche den bhfear san ag innsint scéal a's ag aithris ar leabharthaibh, is aoibhinn an chuideachta é: sóghach: chuirfeadh sé subháilceas ort bheith n-a chuideachtain. Amhránaidhe aoibhinn seadh é: guth binn, áluinn aige. Cé shéanfadh gur tír aoibhinn Éire? tír deaghsciamhach, sláinteamhail, go dtaithneóchadh leat maireachtaint innte. I ndeireadh na dála cad is aoibhinne do Chríosdaidhe ná an bheatha shíoraidhe do ghnóthughadh? cad is mó chuirfeadh lúthgháir ar dhuine ná é. Chaitheas seal aoibhinn sínte ar an dtolg os cómhair na teine teolaidhe idir chodladh agus dhúiseacht dom: tamall an-shubháilceach. Éadach aoibhinn seadh síoda: subháilceach le féachaint air agus lé láimhseáil. "Is aoibhinn liom a ghleannta 'sa thaoibheanna lá samhraidh" (An Cnuicín Fraoigh): is sásamh aigne agus anama liom dearcadh ortha.

aoibhneas: *f.1.* $_{7}$ *3.* áthas, taithneamh, sult, aiteas, sóghas, sádhaille, bród, gliondar, ríméad; an t-áthas do chuireann rudaidhe foirimeallacha mar scéimh talmhan, ceól, amhránaidheacht, déanamh ruda etc.; aimsir bhreágh. Cuireann sé aoibhneas ar mo

chroidhe nuair chidhim an áit gur saoghaluigheadh me: tógann sé mo chroidhe. An fharraige fém bhun síos chómh socair lé linn abhann, an bóthar gearrtha isteach i gcroidhe na faille, an ghealach lán go hárd sa spéir, na h-oileáin in achar go soiléasta, gan fuaim im chluais um meádhon oidhche ach dórd rúnda na mara – aoibhneas deimhnightheach: áilneacht thar barr. Go dtugaidh Dia aoibhneas na bhflaitheas dúinn go léir an lá déidheanach: sólás na bhflaitheas. Chuir aoibhneas an cheóil i gcuimhne dhom gach ball áluinn agus duine ceanamhail dár bhuail liom riamh: briocht, draoidheacht. Is beag d'aoibhneas an tsaoghail seo ag an manach go mbíonn ar bheith n-a shuidhe ar a trí a chlog ar maidin agus a ghnidheas troscaidhe agus tréanas fada: subháilceas colna. Sin líon tighe a bhíos do shíor ag achrann lé chéile, ní h-eól dóibh cad is aoibhneas ann: sástacht síothchána, ciúnas a's caradas.

aoibhneas: *f.1.* $_{7}$ *3.* do thabhairt subháilcis do dhuine féin, do thabhairt do chaitheamh aimsire. Chaitheadh sé an lá ar fad sínte ar an ngainimh fén ngréin ghá aoibhneas féin: ag baint subháilcis as. An dream atá suas anois is mór é a ndúil in aoibhneas – cluichidhe, peictiúiridhe, rinncidhe, céilidhthe agus uile: a bhfonn chun saoghal suilt do bheith aca. An iongadh é bheith bocht anois, fear nár bhac le hobair ach le hól agus aoibhneas: do shásughadh a mhianta. Níl ceal sa tsaoghal ortha agus sé an t-aon bhuaidhreamh aca a n-aoibhneas féin: bheith ag déanamh nidhthe a chuirfeadh sástacht aigne agus colna ortha.

aoighe: *f.4.* cuartóir nó cara a gheibheas cóir bhídh etc. i dtigh nó ag bórd duine eile. Chaitheas mí im aoighe i dtigh mo charad: fuaireas biadh agus leapachas n-a thigh gan díol as. Aoigheanna tugtar ar chuardóiridhibh a chuireas fútha in ósdlann.

aoigheacht: *a.* cóir bídh a's leapachais; fáiltiughadh fial, cineálta roimh dhaoinibh iasachta nó lucht cuiridh, cóiriughadh fial. Chaitheas seachtmhain ar aoigheacht san mhainistir: do bhíos ag muinntir an mhainistir gan íoc as mo chuid bídh nó leapachais. "Ná tuig gur teach aoigheachta é seo" deirtear le duine a bhíos buanamhail ar theach agus ná bíonn fáilte roimis: tigh gur féidir leat gach nidh bheith ar do thoil in aisce agat.

aoigheachtach: *a.* fial, fáilteamhail. Ní h-iongadh liom go bhfuairis biadh a's leabaidh sa tigh sin, daoine aoigheachtacha seadh iad: fial, fáilteamhail.

aoil-chneas: *f.1.* cneas nó croiceann geal ar nós an aoil nó an tsneachtaidh. Thuiteas i ngrádh lé Máire an aoilchnis: Máire áluinn.

aoileach: *f.1.* salachar lobhtha i gcómhair leasuighthe talmhan. Carn aoiligh: cnocán go mbíonn fiadhaile, tuighe, bualtrach bó, muc, capall etc. ag lobhadh ann. Aoileach eallaigh: bualtrach bó, tuighe lobhtha etc. Tá aoileach ag déanamh de (aon rud): ag lobhadh ó bheith fén sín. Níl sa té sin ach mar bheadh múnlach aoiligh: an t-uisce salach, bréan a ghluaiseas as aoileach: té gránda domblasta.

aoinchreideamh: *f.1.* an creideamh fírinneach. Duine macánta fial carthanach go bhfuil an t-aoinchreideamh aige: creideamh ceart.

aoindícheall: *f.1.* iarracht láidir chómhnaidhteach. Thugas an lá ar fad ar m'aoindícheall chun mo thriall, dathad míle ó bhaile, do shroichstint: gan aon lag do theacht orm. Táimíd ar ár n'aoindícheall lé triocha bliadhain ag aithbheódhactaint na Gaedhilge: ar iarracht gan sos ná lagughadh.

aoine: *b.4.* an séamhadh lá den tseachtmhain. Bíonn sé ag léigheamh ó Luan go h-Aoine: i rith na seachtmhaine, gan aon stad. Bíonn an Aoine cor le h-aon lá eile den tseachtmhain: ní mar a chéile bhíonn an aimsir Dé h-Aoine agus aon lá eile. "Aoine an Chéasta is mór an céasadh bainne d'ól": is ceart tréadhnas do dhéanamh air an lá san.

aoinfheacht: ar an am gcéadna, lé chéile, i dteannta a chéile. Ní raibh aonne in aoinfheacht liom ag goid an ghluaisteáin: im fhochair, ag cabhradh liom. Tháinig an bheirt aca isteach in aoinfheacht (lé chéile): i gcuideachtain a chéile. Buaileadh sa dá shúil in aoinfheacht me: ar an am gcéadna. Ná labhraidh go léir in aoinfheacht nó ní thuigfead faic: ar an am gcéadna. Chaith sé na bliadhanta ag bailiughadh go sprionnlaithe agus scar sé leis in aoinfheacht ag imirt chártaidhe: in aon tsuidheachán amháin. Thuit bloc adhmaid ó chrann air a mhairbh in aoinfheacht é: ar an láthair. Moilligh thu féin tamaillín agus bead-sa in aoinfheacht leat: raighead-sa it fhochair nó it chuideachtain. Thuit an t-anam in aoinfheacht as: fuair sé bás oban. Óir nách bhfuil aithne sa bhannc ort agus go bhfuil orm-sa b'fhearr dhom dul in aoinfheacht leat chun na h-iasachta d'fhagháil: id chuideachtain chun do chónganta. Chómh luath agus gheibheann sibh an focal uaim tairngidh in aoinfheacht: lé chéile. Ní hiongadh gan bheith ag éirghe linn mar ná bímíd in aoinfheacht: ag cabhradh lé chéile mar budh cheart.

aoinfhear: *f.1.* fear in a aonar, fear leis féin. Iascaireacht aonfhir do dheineann sé: ní bhíonn aonne in a fhochair: é féin. Bhailigh sluagh aca tímcheall air go bagarthach, "tabharfad cómhraic aoinfhir díbh fear ar fhear", ar sé: troid idir dhuine amháin díobh agus é féin sa turus. Scoil aoinfhir seadh í: níl ach aonne amháin innte atá ghá stiúradh, dar leis. Bád aoinfhir: bád nách mbíonn innte ach fear amháin nó fear a thugas órduighthe agus go ndeintear dá réir gan cheist.

aoininntin: *b.2.* d'aon mheón, d'aon toil, d'aon aigne. Ní fheadar cad is ceart dom do dhéanamh – dul nó fanacht – nílim ar aoininntin: tá m'aigne neamhshocair. Is deacair daoine do chrothadh a bhíos ar aoininntin: a chuireas le chéile. Ní raibh muinntir na hÉireann ar aoininntin leis an gconnradh a sighineadh idir Éire agus Sasana: ní raibh siad go léir leis ná ní raibh siad go léir 'n-a aghaidh. Ní bhíonn an líon tighe sin ar aoininntin, an rud do mholfadh duine acu, do cháinfeadh duine eile aca é. Ó thúis deireadh táim ar aoininntin gurbh é Piaras an file is doimhne agus is binne: gan atharrughadh aigne. Ná bí ag constrabháil leis an bhfear san i dtaobh poilitidheachta, níl aige ach an t-aoininntin: tá a aigne socair aige ar bheartas áirighthe agus ní atharróchadh aon argóint é.

aoninntineach: *a.* docht, dochorruighthe i meón nó in aigne. Ní maith liom tú ná taithnigheann daoine nách ded chreideamh ná ded thuairmidhibh leat, táir ró-aonintinneach dom: gan aon ghéilleadh agat d'aonne ná tagann léd thuairmidhibh.

aon'ne: *f.4.* (**aoineach**) [**aoinne, éinne**] duine, duine amháin. Cé tá gen ndoras? aon'ne: níl neach. B'fhearr aon'ne in ao'chor agat sa tigh 'ná bheith it aonar: duine ar bith, aon tsaghas duine olc nó maith. Cé innis duit go rabhas annso? – aon'ne in ao'chor: níor innis duine ar bith. Ní raibh aon'ne clainne gem mhuinntir ach me: mise amháin líon a gclainne. Ní fheaca aon'ne beó sa tigh: duine amháin ní raibh ann. Aon'ne a bheadh ag éisteacht leat budh dhóigh leis go bhfuilir ait: is cuma cé hé an duine etc. Bádhadh gach aon'ne riamh dá raibh ar bórd: níor mhair duine díobh. Tagadh gach aon'ne riamh agaibh ar mo phósadh: an uile dhuine. Cé tá annsan? – aon'ne acht mise (go n-aithnighir mo ghuth). Dá mbeadh aon'ne misneamhail ann ní bádhfí an leanbh: duine go mbeadh misneach aige. Ghearánfadh sé aon'ne: budh chuma leis cúis nó gan chúis ghearánfadh sé.

aonnidh: [**aonnidh, éinnidh**] *f.4.* rud ar bith, faic, máchail, díobháil, rud gan tábhacht. Cad tá fé t'oscail agat? - aoinnidh: faic (bíonn fonn ceilte ort nó fiosrachta do chur díot). Thuit sé de mhullach an tighe ach níl aoinnidh air: níl sé goirtighthe nó má tá tiocfaidh uaidh (is maith do scar sé leis). Féach é agus gan aoinnidh air: nochtuighthe nó fé dhroichéadach. D'fhiafruigheas de an raibh aoinnidh air nuair chonnac an chuma shuaidhte air: an raibh aon rud ag déanamh buartha dho. "Tá tinneas fiacaile orm" - "ní haoinnidh é sin": ní fiú trácht air sin. Dá bhfeictheá sluagh mór daoine bailighthe in aon díorma amháin i lár sráide déarfá "an bhfuil aoinnidh ar aonne?" an bhfuil aon rud mícheart. "Níor dheineas aoinnidh ar aonne riamh" ar seisean: díobháil do neach. Thug an mangaire an lá ag gabháil tímcheall gan aoinnidh dá bhárr aige: gan faic do dhíol. Tabhair aoinnidh in ao'chor do chun a bhéil do dhúnadh: rud ar bith is mian leat. Saidhbhir tráth, anois níl aoinnidh aige: bocht, dealbh. An bhfuil aoinnidh sa tsiopa san ort? - ní mór é, púnt: fiacha. Coisidhe iongtach seadh é, ní h-aoinnidh leis triocha míle do shiubhal an uile lá den tseachtmhain: ní duadh leis é. Ní thaithnigheann liom aoinnidh do chur ar aonne gan bheith deimhnightheach di: duine do chúisiughadh le rud. Ná cuir aoinnidh orm: ná cuir bréag orm. Ná cuir aoinnidh orm i dtaobh an leabhair do chailleas ort: díolaidheacht ar bith.

aointigheas: *f.1.* maireachtaint i gcuibhreann a chéile; cómhnaidhe lé chéile. "Ní h-aitheantas go h-aointigheas": is ó bheith ag maireachtaint sa tigh chéadna le duine eile gheóbhfá an aithne cheart air: níl aon aithne chómh maith leis. Thugadh sé aointigheas d'arm na poblachta: biadh a's leabaidh. Thóg an bheirt babhta i Sráid Leathan agus chuadhamair in aointigheas: chun cómhnaidhthe lé chéile ar cómhchaitheamh, cómhchostas. Ní raigheadh an t-úcaire in aointigheas leis an ngualadóir ar eagla go saileóchadh sé a chuid oibre: chun cómhnaidhthe i bpáirteach fén ndíon céadna.

aoin-tsearc: *b.2.* grádh fé leith. Dob í Máire m'aoin-tsearc: ní raibh searc agam d'aonne mar bhí agam di-se.

aoirde: *b.4.* an fhaid a éirigheas aon rud ó n-a bhun, a fhotha, nó ó n-a chois, nó ón dtalamh, doimhneas uisce nó puill; céim mhór; neart. D'imthigh an bhuaic den dtigh airéir lé h-aoirde na gaoithe: neart. Dá aoirde labhras seadh is lugha tugadh éisteacht dom: d'aindeóin nirt mo ghlóir etc. Ní fhéadfí gan mé chlos agus a aoirde labhras: nuair lamhálfá do mhéid mo ghlóir. Ní fhéadfainn mo lámh do shíneadh chun na síneála lé n-a

h-aoirde: toisc í bheith i bhfad suas uaim. Ní maith liom a aoirde labhrair, cloisfear thu: an méid mhór glóir a ghnidhir. A aoirde! agus atá gallán Neilsiun: cuireann an fhaid do shroicheann sé suas iongadh orm. Cad é an aoirde an fharraige annso? fiche feadh: doimhneas (ó uachtar uisce go talamh). Lé n-a aoirde sa tsaoghal ní labharfadh sé lé h-aonne: céim árd, gradam. Tá an falla dathad troigh ar aoirde: ón dtalamh go dtí a bhárr. Ins an mbliadhain 1886 do bhí an Peárnéalach in aoirde a láin nuair bhí an dúthaigh go léir ar a thaobh: an chómhacht budh mhó. "An bhfuil an cnoc ró-árd duit?" – "is ar a aoirde": mós árd: beagán ró-árd. Táim sé troighthe ar aoirde: sin é m'fhaid ó bhonn mo chos go mullach mó chinn.

aois: *b.2.* scathamh aimsire nó cuid de a mhaireas rud, ainmhidhe nó duine; deireadh na beatha; an tráth go mbíonn an duine tagtha chun foirbhtheachta dréir na dlighe; na daoine seana: céad bliadhain; an t-am go mairimíd ann. Ní thagann ciall roim aois, ná bí dian ar an leanbh: sara mbíonn duine óg suas lé fiche bliadhain ní bhíonn an chiall aige a thagas leis na bliadhantaibh. Cad is aois dom? cad é méid bliadhain atá ó saoghaluigheadh me. Cad é an aois atá agat? Bhí sé in aois tríocha bliadhain sar ar phós sé: an méid sin bliadhan. Shroich sé aois mhaith, cheithre fichid bliadhain: seal maith bliadhan. Nílim chómh mear ar mo bhonnaibh a's bhínn, táim ag druideam lé h-aois: bliadhanta maithe caithte agam. Tá cion ar óg a's ar aois aige: daoine gur cuma óg nó aosta iad. San aois seo is maith an dul chun cinn atá déanta ag Éirinn: i gcuimhne na ndaoine atá suas anois. Ó aois go bás ní tháinig aon atharrughadh air, dob é an fear grádhmhar céadna é: ón am bhí sé n-a fhear óg etc. Ní raibh sí in aois a pósta nuair ghlac sé mar chéile í: an t-am dá saoghal go mbeadh sí oireamhnach chun a pósta. Bíodh urraim agat don aois: dos na daoinibh aosta. Gheóbhaidh sé cuid a athar nuair bheidh sé in aois: fiche bliadhain (dréir dlighe na talmhan). San aois chéadna do mhair Neapóilean agus Bhulbh Teón: sa ré chéadna. Aois í seo go bhfuil na daoine óga dúlmhar i bpeictiúiridhibh, i rinnce, agus i gcluichidhibh: an-saoghal aca.

aoitheódh: *f.1.* an t-atharrughadh i mbreóidhtigh a thuaras bás nó téarnamh. Indé an naomhadh lá aige breóidhte, bhí sé san aoitheódh: mairfidh sé. D'éag sé san aoitheódh: nuair bhí sé i dhá gceann na meádha.

aol: *f.1.* cré loisceach a fachtar as chailc a's mianachaibh eile a cuirtear chun mairtéil a's táthán eile do dhéanamh. Bonn aoil atá gen dtalamh san a's ní maith é i dtriomach fada. Teine aoil: áth, an áit go ndóightear an t-aol chun áise do bhaint as. Fallaidhe aoil: go mbíonn mairtéal ionta. Cuir aol fén dtigh: déin geal lasmuigh a's laistigh lé h-aol é. A cneas chómh geal le h-aol: a croiceann ar dhath an aoil: geal gléigeal, gan smál.

aoladh: *f.* (*-adhtha*) do chur aoil fé; ag bánughadh. Ag aoladh an tighe i gcómhair na Nodlag: ghá nighe lé h-aol. Chonnac go raibh sé ag aoladh leis an eagla chuir an scian air: go raibh dath bán nó mílítheach ag teacht air.

aolaim: *b.a.* ₇ *n-a.* cuirim aol fé (tigh etc.); tagann dath bán orm. Aolfad an tigh: cuirfead aol fliuch fé. D'aoluigheas leis an dtinneas do tháinig orm: tháinig dath báidhteach. Aolfaidh mo cheann ciardhubh fairír! lá éigin: liathfaidh sé. Is mór mar d'aolas lé tamall: ruibidhe liatha.

aolbhach: *a.* go mianach aoil; áluinn, gealchneasach. Talamh aolbhach atá soir ó Thráighlí: aol lé fagháil n-a bhonn. Ghaibheas thar tighthe aolbhacha ar thaobh an chnuic: tighthe geala; tighthe breághtha.

aolbhrat: *f.1.* brat nó clúdach bán gléigeal. Do suidheadh me go minic chun búird aolbhrait n-a tigh: go raibh an t-éadach cláir de línnéadach áluinn chómh geal le haol agus gléas ann.

aolchorp: *f.1.* corp breágh, geal, deaghchroicinn. Thugas searc dá h-aolchorp: thuiteas i ngrádh lé n-a pearsain fíoráluinn. Is é an truagh t'aolchorp bheith ag dreódhadh: corp taithneamhach.

aolchrobh: *f.1.* crobh (ón righe go barr méar) breágh, geal, leabhair. Rugas ar a h-aolchrobh i bhfíorfháilte: a glac geal chómh mín le síoda. Ní raibh a h-aolchrobhanna ag an mnaoi eile: ní raibh bean ann go raibh lámha chómh cúmtha córach geal uirthe.

aolchrothach: *a.* gealchuirp, go ndéanamh áluinn. Do mheall bean aolchrothach darbh ainm Niamh Oisín go Tír na n-Óg: bean go raibh corp fíor-áluinn aice. Ní fheaca im shúilibh cinn bean b'aolchrothaighe ná í: budh bhreághtha déanamh.

aol-dath: *f.3.* dath an-gheal, an-bhán. Shiubhalas tríd an gcoill aol-datha ar lasadh lé bláthannaibh lonnardha: coill niamhdha, ruithneach. Ní aithneofá anois é tá a cheann ar aol-dath: níl ruibe fuilt air ná fuil bán gléigeal.

aon: ceann, ceann amháin, acht amháin, an céadna. Tair ar ár dtuairisc aon uair: am ar bith. Tair ar ár dtuairisc aon uair amháin: turus, gan teacht an dara h-uair. Ní rabhas ann ach aon lá amháin riamh: lá leis féin. Bhuaidhfinn ort aon uair: am ar bith. Bhuaidhfinn ort aon uair amháin: am áirighthe. Beidh púnt agam mar aon le Seán: ar nós Sheáin: púnt ag an nduine againn. Fuair sé iasc mar aon leis an bhfeóil a bhí aige: i dteannta, i bhfochair. D'ól sé idir fhíon, bheathuisce agus leann dubh a raibh ar an mbórd, d'ól sé gach aon rud: an uile rud. Go dtugaidh Dia an suaimhneas síoraidhe do gach n-aon: don uile dhuine. Níl aithne agam ar aon duine annso: neach in ao'chor. Buaileann aon an hart gach cárta ach an cíonmhádh agus an cuireata: ball amháin ar chárta imeartha. D'imthigh an triúr aca in aon ghluaisteán: an gluaisteán céadna. Chómhairligheadar d'aon ghuth dhom dul abhaile: bhíodar ar aon inntin. Leag Oscar an fathach d'aon bhuille: buille aonair, ní raibh an dara buille air. Dá mbeadh aon fhear fearamhail ann chosnóchadh sé thu: fear amháin. Níl aon mhaitheas bheith ag cainnt nuair bhíonn an díobháil déanta: maitheas ar bith. Dá mbeadh aon bhrigh ionat ní leigfeá do chuid le h-aonne: brigh mar seo nó mar siúd, olc nó maith. Níl aon fhocal aige, nách ciúin atá sé: tá sé n-a thost. Níl aon luid air: nochtuighthe.

aon: *f.1.* duine nó rud singil; cárta agus ball amháin air, ponnc. Thána gan aon im fhochair: liom féin. Ag cómhaireamh deirtear: a h-aon, a dó etc. Níl aon tsubháilceas agam sa tsaoghal, ní bhfaighim sult ar bith ann ach sé an t-aon subháilceas atá agam, mo phíp: subháilceas amháin (cinnte). Ní raibh aon duine sa tigh ach Seán: duine eile ar bith

ach é. Sé Seán an t-aon duine a bhí ann: an duine cinnte. Cé hé an t-aon duine phósfá? an duine áirighthe.

aonach: *f.1.* (*iol.* aontaighe) cruinniughadh fógartha mar a mbíonn ceannuightheóiridhe agus díoltóiridhe; buidhean dhaoine ar aon láthair de ghnáth ar an dtoisc gcéadna. Bhailigheadar go léir tímcheall ar an amadán agus do bhí aonach aca air ag déanamh magaidh fé: greann agus subháilceas ar a bholg san. Thairng sé an tsráid orm ag béicigh agus ag tarcuisniughadh go rabhas im chraoibh aonaigh aige: go raibh caoraidheacht an uile dhuine orm mar bheadh lucht ag lorg an chómhartha óil. Chuir sé a chulaith aonaigh air: an t-éadach is fearr a bhí aige. Sé an lá tréis an aonaigh agat é teacht ar lorg an tighe agus é díolta lé seachtmhain: ródhéidheanach. Tá aonach ag scata asal id chuid arbhair: bailiughadh mór aca ag déanamh díobhála. Tá na beithidhigh seo ionaonaigh: oireamhnach lé díol ar aonach. Chuir sí cuma ionaonaigh uirthe féin: do ghléas sí í féin ar chuma go mbeadh sí taithneamhach in aon chómhluadar: féileach, meidhreach.

aonach: *f.1.* fearg mhór, buile, fíoch. Cuireann aon rud dearg aonach ar tharbh: buile. Thiocfadh aonach orm dá mbuaileadh duine sa tsúil me: fearg dochoiscthe, fíoch mhór.

aonaigheacht: *b.3.* fritheáilt ar mhórán aonach, síorghnáthughadh cruinnighthe. Ag aonaigheacht do chaitheann an ceannuightheóir beithidheach furmhór a shaoghail: ag dul ó aonach go h-aonach. Níl aon rud budh bhreághtha leat ná bheith ag aonaigheacht ó shiopa go siopa: ag dul ar thuairisc luach earraidhe etc.

aonair: *a.* ceann, amháin, singil. Fathach mór go raibh súil aonair i gclár a éadain: súil amháin. Do nochtadar oileán aonair i lár na bóchna: fuaireadar amach oileán amháin gan aon oileán eile 'n-a aice. I gcorplár na h-oidhche d'amharcas uaim solas aonair gur mhóide m'uaigneas de: aon tsolas amháin. Beidh sé feasda n-a fhear aonair ó cailleadh a bhean: uaigneach. D'fhógair Oscar cómhraic aonair ar an sluagh i ndiaidh a chéile: cómhrac le fear sa turus. I dtigh aonair i mbun cnuic do chómhnuigheann sé: tigh agus gan ceann eile n-a chómhgar. Duine aonair seadh an fear san, ní fheaca riamh i gcuideachtain aonne é: fear neamhchoidreamhach. Níl agam ach mádh aonair: ní mádh aon chárta eile im láimh ach é. Mara mbeadh aige ach an phingin aonair thabharfadh sé dhuit í: is ar an bhféile dho an oiread san go dtabharfadh sé an bonn deireannach uaidh.

aonar: *f.1.* duine nó rud amháin. Tair it aonar: ná bíodh aonne eile id chuideachtain. Is fearr bainne 'n-a aonar gan uisce ná aon rud eile tríd: leis féin. In a aonar is fearr an capall san: gan aon chapall eile leis. D'fhág mo chlann im aonar me: thréigeadar me nó d'imthigheadar uaim. Nách beag uaigneas bhíonn uirthe fanacht sa bhráca tighe sin 'n-a h-uath a's n-a h-aonar: gan duine in ao'chor ag déanamh cuideachtan di. Nách maith an garsún do rinne aire do thabhairt don dtigh 'n-a aonar: gan cabhair ó neach eile. Dá bhfaghainn 'n-a aonar é, is mé inneósfadh dho go bhfuil sé i ndrochchuideachtain: i leath-taoibh ós na daoinibh go bhfuil sé lé n-a gcois.

aonarach: *a.* uaigneach, singil, iargcúlta, lé duine féin. A mhuinntir an tighe, nách aonarach atá sibh: gan aonne lasmuigh díbh féin. Is aonarach an saoghal atá aige, gan aithne ná siubhal aige ar aonne ná ag aonne air: uaigneach. Chaitheas an lá ar fad go h-

aonarach ar mhullach an chnuic, gan duine, ainmhidhe, ná éan im amharc: liom féin. Oileán aonarach seadh an Inis, is beag má thugann aonne turus uirthe: iargcúlta, i bhfad ó choidreamh daoine. Tighthe aonaracha seadh sinn annso, i bhfad ón mbóthar rianta: is annamh thugann daoine iasachta turus orainn. Thugas fé ndeara fear aonarach ar an gcéilidhe: fear ná raibh i gcainnt ná i gcómhluadar aonne eile. Anuiridh bhí dhá chéad púnt agam, chaitheas é ar fad ach púnt aonarach: púnt amháin.

aonaramhail: *a.* go singil, go h-uaigneach, uathach. Is aonaramhail an saghas beatha atá dhá chaitheamh aige, leis féin i gcómhnaidhe: gan comhluadar ná suas-ná-anuas lé h-aonne eile. Bhraitheas aonaramhail gan mo ghrádh d'fheicsint ar feadh bliadhna: uaigneach. Cé go bhfuil deallramh sultmhar air is aonaramhail an croidhe atá aige: brónach. Cad é an rud is aonaramhla ná seanduine nár phós riamh: brónach, uaigneach, gan aonne go bhféadfadh sé triall air lé linn gádhtair.

aonarán: *f.1.* duine leis féin, duine gan cómhluadar. Luigh linn agus ná bí it aonarán: ná bí i leathtaoibh leat féin. Tigh aonaráin seadh an tigh sin: tigh ná cómhnuigheann ann ach aonne amháin. Léigheas indé ar aonarán atá lé chúig bhliadhnaibh gan neach eile ar oileán: duine gan daon eile leis.

aonaránach: *a.* tréigthe, uaigneach, uathaidh. Ghaibheas treasna an chnuic ar chasán aonaránach: casán ná buailfeadh neach leat air. Dob aonaránach leis cómhnaidhe in áit chómh fada ó bhaile ó chomhluadar daoine: dob iargcúlta nó uaigneach leis é. Ar a ceathair a chlog ar maidin bíonn an tsráid go h-aonaránach gan rud beó innte: uaigneach, gan siubhal duine ná ainmhidhe (aonardha). Cuir síos t'ainm go h-aonardha ar an leathanach so: gan aon ainm eile 'n-a teannta.

aonardhacht: *b.3.* uaigneas, uaigneacht, iarmhaireacht. Tagann aonardhacht ar bhuachaill nuair nách bhfeiceann sé a ghrádh geal ar feadh mí: uaigneas croidhe. Níor mhaith liom cómhnaidhe ameasc na gcnoc so lé n-a n-aonardhacht, níl tigh ná treabh i ngiorracht mílte don áit: iargcúlacht. Nuair imthigheann lucht foghlúmtha na Gaedhilge tagann aonardhacht ar mhuinntir na Gaedhealtachta: uaigneas.

aon-bhall: *f.1.* an áit chéadna, in aonfheacht. Ó táimid ar aon-bhall agus go mb'fhéidir go fada airís go mbeimís cuirimís ár n-imtheachta trí chéile: in aon áit, san ionad chéadna. Marbhuigheadh sa chisdin in aon-bhall an bheirt aca: ar an mball nó ionad céadna. Acht, níl mo hata lé fagháil sa halla, sa chisdin, sa tseómra ná in aon-bhall: in áit ar bith. "Cá rabhais indé? ní fheaca thu" – "in aon-bhall": in áit in ao'chor. Níl aon-bhall fén spéir ná go bhfuil Éireannach le fagháil: áit ar bith. Acht cuirfear in aon-bhall, lá na breithe na fíréin agus in aon-bhall na daoine daortha: ar an láthair chéadna. Gach aon-bhall d'Éirinn bheadh fáilte rómhat: pé áit thoir, thiar, theas nó thuaidh. An t-aon-bhall gur chómhnuigh mo mhuinntir leis na ciantaibh, Dún Chaoin: ní rabhadar in áit eile.

aon beart: dícheall. Cuirfidh an scrúdughadh le n-a dheacracht go dtí m'aon beart me: má éirigheann liom é do dhéanamh is ar éigean é. Chuir an Ghearmáin chun a n-aon beart a namhada i rith an chogaidh: buadhadh uirthe, ach sin a raibh ann. Cuirfidh an t-ualach

mór san i gcoinnibh an chnuic chun a aon beart an capall: is é a dhícheall mór an t-ualach do tharang.

aon-chás: *f.1.* príomhchúis, an árddheacracht, brón mór, clampar mór. Sé m'aon-chás anois an cíos d'íoc: an cruadhtan is mó atá ag breith orm. Aon-chás a bhuadhartha ar fad an t-ólachán: sé an t-ólachán a thug gach buairt air. Riamh, riamh dob é aithbheódhachtaint na teangan a aon-chás: ní raibh aon rud eile sa tsaoghal ag déanamh mearbhaill do. Is iomdha fear gurb é a aon-chás ná raibh sé in Éirinn i rith Seachtmhaine na Cásca: an rud is iomdha do bhuaidhreann é. Aon-chás an tsaoghail indiu, síothcháin: an rud is mó atá ag teastáil ón saoghal: sé an tsíothcháin ameasc cineadh é.

aon-chorp: *f.1.* neart, teannas. Nuair chonnaic sé go raibh buaidhte air do strac sé na cártaidhe lé h-aon-chorp droichmhianaigh: le neart nó méid droichmhéine. Nuair chonnaic sé a mhadra ag buadhachtaint chaith sé a hata san aer, scread sé le h-aon-chorp áthais: áthas gan teórain. Tugann siad an lá ag paidreóireacht le h-aon-chorp diadhachta: lé méid. Trí lá n-a throscadh dho agus d'ith sé ceann muice le h-aon-chorp ocrais: leis an ocras doinnste a bhí air. Lé h-aon-chorp tarta d'ól sé leathghalbhan uisce: tart mór.

aon-chosach: *a.* ar chois amháin. Bhuail fear aon-chosach liom agus croisín aige. Chím leanbhaidhe ag imirt "leapacha" ar an sráid d'aon-chois: ag léimeadh ó chearnóig go cearnóig ar chois amháin.

aon-dath: *f.3.* an dath céadna. D'aondath seadh a chuid éadaigh 'sa hata: dubh, cuir i gcás iad go léir. Nuair chaitheann duine éadach nuadh an uile lá gan aire do thabhairt do, deirtear "tá do chuid éadaigh ar aon-dath agat anois": ní féidir an dath (na dathanna) bunaidh do bhreithniughadh: dath liath caithte ar an uile bhall éadaigh.

aon-duine: *f.4.* an duine céadna. "An t-aon-duine a ghoid na péarlaidhe as an dtigh seo agus a ghoid an muince as an dtigh eile", ars an bleachtaire, "d'fhág sé an rian méar céadna n-a dhiaidh": an duine céadna a rinne an dá bheart.

aon-fheidhm: *b.2.* iarracht aonta, dáiríre cheart. Thairng fiche fear d'aon-fheidhm ar an dtéid chun an bháid do tharang i dtír: le h-iarracht láidir lé chéile. Cuireadh ar scoil é d'aon-fheidhm chun dochtúra do dhéanamh de: leis an inntin sin amháin. Sé aon-fheidhm an chníopaire airgead do bhailiughadh: níl faic eile ar a aigne ach é.

aon-fhocal: *f.1.* an focal céadna; aontas. Loirgeas caoga púnt ar an gcapall, ní raibh air ach an t-aon-fhocal, fuaireas é: ní raibh aon mhargaidheacht eadrainn. Má gheall sé dhuit teacht creid é, fear aon-fhocail seadh é: an rud do gheallann cóimhlíonann. Bhí an coisde dháréag ar aon-fhocal chun an chosnaigh do dhaoradh: bhíodar go léir lé n-a dhaoradh. Níl an lucht féachta ar aon-fhocal an tslighe thárlaidh an chinneamhaint: ní h-é an scéal céadna atá aca go léir. Ní bhfaighir faic uaimse, d'aon-fhocal eitighim thu: gan a thuilleadh cainnte n-a thaobh, níl sé le fagháil agat.

aon-ghair: *f.2.* gáir nó glam lé chéile ó bhreis a's duine. Nuair bhuaidh ár mbád-ne an rás thóg muinntir an pharóiste aon-ghair molta: do bhéiceadar go léir in aonfheacht. Leigimís

aon-ghair chun a scannruighthe ghá n-ionnsaidhe: screadaimís ós árd in aonfheacht. As an méid a bhí istigh ar bheith 'n-a cheann ar an bhfuirinn toghadh Tadhg d'aon-ghair: ní raibh neach láithreach 'n-a choinnibh.

aon-ghnóth: dáiríre. D'aon-ghnóth do bhuail sé me gan cur chuige ná uaidh: dáiríre, mheádhaidh sé me do bhualadh. Thángadar i lár na h-oidhche agus aghaidh-fidilidhe ortha d'aon-ghnóth chun mo mharbhtha: leis an inntin sin. D'aon-ghnóth chaitheas an chloch tríd an bhfuinneóig: lé h-inntin áirighthe. Budh cheart do bheith annso anois, an bhfuil sé ag moilliughadh d'aon-ghnóth? an é a thoil gan bheith in am?

aon-ghuth: *f.3.* an ghuth chéadna, aigne aonta. Mhol a raibh láithreach d'aon-ghuth cead a chos do thabhairt don leanbh ó b'í an chéad choir aige í: b'é sin aigne a raibh ann. Ghabhadar an t-amhrán in aon-ghuth: i bhfochair a chéile.

aon-lá: *f.* (*aon-lae*) lá ann féin. Níl ann ach obair aon-lae d'fhear mhaith: dhéanfadh fear é in aon lá amháin. Budh mhaith an siubhal in aon-lá (aon-ló) dathad míle de bhóthar de chois: é do dhéanamh an lá céadna san. An t-aon-lá do chonnac riamh é do thaithnigh sé liom: ní fheaca é ach uair amháin.

aon-láthair: *b.5.* an t-ionad céadna, os choinne a chéile. Caith annsan bróga na ngarsún go léir in aon-láthair agus beidh seódh aca ghá lorg: in aon charn (chlais) amháin. Deirtear go mbailigheann fáinleóga go léir ar aon-láthair roim imtheacht tar lear dóibh tréis an tsamhraidh: an ball céadna.

aon-leannán: *f.1.* aon ghrádh amháin, gan aon ghrádh eile ach é (í). Dob í Máire m'aon-leannán: níor thugas grádh ná searc d'aonne eile ach di. Dá mhéid do ghrádhas, dob í Máire m'aon-leannán: is dise budh mhó do thugas searc.

aon-mhac: *f.1.* Mac Dé. Guidhim an t-Aon-mhac tu do shaoradh ar do namhaid: Críost. Le toil an Aon-mhic tháinig sé saor tríd an gcogadh: lé toil Dé a saoghaluigheadh.

aonmhar: *a.* uaigneach, tréigthe. Comhnuigheann sé go h-aonmhar i dtigín sa chúltsráid sin gan neach n-a fhochair: uaigneach. Oileán aonmhair seadh Oileán Mananainn i lár na mara meann: gan aon oileán eile 'n-a aice. Ná fágtar go h-aonmhar sa tigh mé oidhche fhada gheimhridh mar í seo: go h-uaigneach gan cuideachta.

aonracht: (**aonradhacht**) *b.3.* uaigneacht. Shiubhalas in aonracht na hoidhche cois farraige gan de chuideachtain agam ach éanlaithe an aoir: uaigneacht, diamhaireacht. Chuir sé aonracht orm san gcathair, an gcreidfeá é agus thréigeas í: ceal aonne gurbh fhéidir liom coidreamh do dhéanamh leis.

aon-rogha: *f.4.* an chuid is fearr go mór d'aon rud, rud gur fiú tosach do thabhairt do gan amhras, rogha amháin. Idir fheóil agus iasc dob í an fheóil m'aon-rogha: thógas í mar b'í dob fhearr liom go mór. Do chuir deichneabhar iarrathóiridhe isteach ar bheith mar dhochtúir san osbuidéal, ach b'é Séamas an t-aon-rogha: níor bacadh in ao'chor lé h-aonne ach leis.

aonta: *a.* singil, gan bheith pósta, ar an aigne chéadna. Beidh fir an pharóiste go léir ag an gcaid idir phósta is aonta: gan bheith pósta. Níor thug an Dáil uile aonta glacadh leis an gconnradh le Sasana: lán toil, bhíodar 'n-a choinne. Bíonn duine aonta go bpósann sé: singil. Duine cor seadh thu ná taobhuigheann le h-aonne, ná tugann t'aonta d'aon rud: do chómhthoil.

aontach: *a.* toilteanamhail, ar aon inntin. Nílim aontach in ao'chor gur maith an rud do dhuine iomad feóla d'itheadh: ní réidhtighim leis. Más aontach tú pósfad tu: má tá do thoil leis. Táim aontach imirt libh: sásta leis.

aontachas: *f.1.* (**aontacht**) réidhteach, suaimhneas, teacht lé chéile. An iongadh leat a ngnóth ag dul chun deireadh a's gan aon aontachas eatartha? gan teacht lé chéile. Ní rabhas ar chruinniughadh riamh budh mhó aontachais 'ná é gan achrann ná clampar: ar aon inntin. Lánamha aontachais iad a chaith leathchéad bliadhain gan oiread agus aon tuiteam amach amháin: síothcháin is ciúnas. Ná caithidh an oidhche ag argóint, tagaidh chun aontachais: le chéile. "Is maith liom", ars an breitheamh leis an éilightheóir agus an cosnach, "go ndeárnabhair aontachas": go rinneabhair réidhteach gan dul chun cinn i ndlighe. Rud a théidheas d'inntleacht an duine aontachas na ré a's na taoide: an tslighe do fhreagraid a chéile.

aontacht: *b.3.* réidhteacht, teacht lé chéile. An dúthaigh nách mbíonn aontacht ameasc a daoine téighid ar lár: ná taobhuigheann lé chéile. Ní raibh aontacht ameasc lucht ceannais an airm agus chailleadar gach cath dá chionn: ní thángadar lé chéile ar aon bheart troda: ní rabhadar ar an gcómhairle gcéadna.

aontadh: *f.1.* cómhthoil, toilteanas; ceadaidheacht, moladh. Ní bheadh aontadh aonne le n-a dhíobháil féin: toil, ceadaidheacht. Fuaireas dhá lá saoire ar aontadh mo shaoiste: ar é do bheith toilteanach. Ní le h-aontadh a mhuinntire do phós sé í, is amhlaidh d'fhuaduigh sé í: toil. An bhfaighinn t'aontadh an samhradh do chaitheamh id thigh? do cheadaidheacht. D'aon aontadh mhol na breitheamhain gurbh é an rinnceóir dob fhearr é: bhíodar ar aon fhocal. Sé aontadh lucht eolais gurbh árdcheannurraidh Eoghan Ruadh Ó Néill: breith.

aon-taobh: *f.1.* an taobh céadna, aon taobh amháin. Bímís d'aon-taobh agus scannróchaimíd an dream eile: ag cur lé chéile. Ní chreidim in ao'chor thu, scéal aon-taoibh atá agat: scéal leithleachais, scéal ar do chóiriughadh féin.

aontas: *f.1.* deónacht, gan dochall, le fonnmhaireacht, géilleadh na tola don rud a cuirtear ós chómhair. An dtabharfá t'aontas le t'inghin do thabhairt i gcleamhnas dom? an mbeidhfeá sásta leis mar scéal? Is beag an t-aontas atá orm fiche púnt do thabhairt ar iasacht duit: fonn. Budh mhór é m'aontas marcaidheacht do ghlacadh a's an triall fada a bhí rómham: an fonn dearbhtha. "Ní bheinn im fhear aontais" arsa bitheamhnach aca leis an gcuid eile, "le cuid fir bhoicht d'árdach chun siubhail": duine a thoilteanóchadh leis.

aon-toil: *b.3.* cómh-aigne, an aigne chéadna. Dá mbeadh fuireann an bháid d'aon-toil ní raighidís amach oidhche chómh dona: cuid aca leis, cuid aca 'n-a choinnibh. Táthar d'aon-toil gur tír thar barr le h-áilne Éire: tagann gach aonne leis sin.

aon-toisc: *b.2.* an bun nó an chiall chéadna. Gan chúis, i bhfios dom chuir sé an tigh tré theine d'aon-toisc: d'aon ghnóth: lé lánmhachtnamh. Thángadar chun a thighe d'aon-toisc a mharbhtha: é socruighthe aca san do dhéanamh.

aontughadh: (*-uighthe*) toiliughadh, réidhtiughadh, teacht le. Bréag a rádh gur thugas m'aontughadh le rud nár thaithnigh liom: mo thoil. Tréis cuid mhaith diospóireachta ar roinnt na talmhan do rinneadar aontughadh é do bheith 'n-a dhá leath chodroma eatartha: thángadar ar an socrughadh san. Tá aontughadh an chruinnighthe lé cathaoirleach do dhéanamh díot: táid ar aon fhocal.

aontuighim: *b. n-a.* toilighim lé, tagaim lé, réidhtighim le. "Cé h-é bhíos páirteach i bpeaca dhuine eile?" – "an té a aontuigheas, a mholas nó a cheaduigheas an peaca do dhéanamh": an té a thugas a thoil leis. Aontuighim leis an uile fhocal adeirir: táim ar an aigne gcéadna. Ní aontuigheann an eochair seo le glas an dorais: ní oireamhnuigheann sí é. Mara n-aontuighidh sibh ar nidh áirighthe ní dhéanfaidh sibh aon dul chun cinn: mara socruighidh sibh eadraibh bheith d'aonbhuidhin.

aontuigsint: *b.3.* an inntin chéadna, an aigne chéadna. Daoine d'aontuigsint seadh bitheamhnaigh, ní scéidhfeadh aonne aca ar a chéile: tuigid gurb ionann a gcúrsaidhe. Na hiondúiridhe a thóg an droichead san ní rabhadar d'aontuigsint agus a rian air indiugh: malairt baramhla aca agus drochthógaint dá dheascaibh. Táimíd ar aontuigsint gurb é an fear is láidre ar an bpobal é: sin é ár dtuairm go léir.

aontuightheach: *a.* toilteanamhail, saordhálach. Dá mbeidhtheá aontuightheach lé teacht ar an dturus dhíolfainn an costas: dá mbeadh do thoil leis. Creid me leis ná raibh aonne ag tafant air teacht, tháinig sé go h-aontuightheach: dá shaorthoil féin. Gníomh aontuightheach dom dul chun a theasardhan agus ná bíodh a mhilleán air aonne eile: chuadhas asam féin.

aonturus: *f.1.* turus amháin, turus aonair. Tá an t-ualach san ró-throm duit ní bhéarfair é d'aonturus: in iarracht amháin. Fan dhá lá bhreise in Áth Cliath agus is féidir leat do chúram do dhéanamh in aonturus: ní gádh dhuit an dara cuaird do dhéanamh.

aonuaire: *b.2.* (**aonuair**) duthain, gearrmharthaineach, gearrshaoghalach, díombuan, oban. Thuit sé de scéimh na faille agus fuair bás aonuaire thíos ar an gcladach: bás oban. Ag gabháil don aindeise riamh agam ar bheagán aoibhneasa aonuaire: aoibhneas nár mhair i bhfad. Ná bíodh aon doicheal agat rómham, ní fhanfad i bhfad agus is annamh a thagaim, níl ionam ach duine aonuaire: duine ná moilleóchaidh. Ná bíodh sé ag maoidheamh as ar thug sé uaidh, níl ann acht carthain aonuaire: sin é an chéad uair agus an uair dheireannach is dócha. Níl i mbabhta dighe ach meidhréis aonuaire: corruigheann sé an mheanma ar feadh seal angheairrid agus sin a bhfuil eile de shubháilceas ann. Nuair chonnac na daoine go léir ag dul chun an ráis tháinig sé de mhachtnamh aonuaire ionam

imtheacht agus d'imthigheas: machtnamh oban. Is fada go dtáinighis chughainn, tá duine aonuaire ag déanamh díot: fánach.

aorach: *a.* ag baint leis an aer; aerdha; uaigneach (áit); áluinn; beódha, scléipeach. D'éirigh sé anáirde i néaltaibh aorach na spéarach: néalta uachtaracha. Rud éigin aorach do dhein an glór fiadhain úd i lár oidhche: rud éigin neamhthalmhaidhe. Áit chómh h-aorach is gheóbhfá sa domhan seadh Ceann Sraithe lá breágh: áluinn, taithneamhach don súil a's don aigne, agus ist oidhche is aoraighe 'ná san fós é: uaigneach, duaibhseach, áit gur dhóigh leat sluaighthe sidhe ann. Is aorach ar fad an t-éadach a chaith sí lá a pósta: bastallach, péacach. Cuideachta aorach dob eadh sinn an oidhche úd lé ceól, rinnce, gáiridhe, deoch agus biadh: meidhreach, gan buaidhreamh ar bith. Ar maidin do bhí cuma aorach ar pháirc an ráis, bothanna anairte, corranna ubhall, milseán etc., gleódh a's ceól etc.: cuma ná raibh faic ag déanamh buartha d'aonne ann.

aoradh: *f.* (*-rtha*) cáineadh, ag tabhairt íde ar. Níor mheasa leis na seandaoinibh taom trom breóidhteachta 'ná na filidhe dá n-aoradh: ag ceapadh amhrán cáinte agus magaidh ortha.

aoraim: *b.a.* cáinim i bhfilidheacht; malluighim; masluighim. Le guibh a theangan níl aon rud ná faigheadh sé ós na daoinibh ar eagla go n-aorfadh sé iad: go gcúmfadh sé amhrán nó duain mhagaidh a chlipfeadh n-a mbeathaidh iad.

aos: *f.1.* daoine, aicme, drong, lucht, bunadh; glúin. Dar leis an aos a bhíos suas nách mar a chéile an t-aos óg agus iad féin i dtús a n-óige: dar leis na daoinibh fásta tá deifridheacht mhór idir iad féin agus na daoine atá ag fás. Baineann sé leis an aos crábhaidh ag síordhéanamh a anama: na daoine a bhíos tugtha d'fhóghnamh Dé. Níl an t-aos iarratais chómh h-iomadamhail is bhídís, is fada go bhfeaca duine déirce: an drong a mhaireas ar dhéirc. Is don aos óg do deineadh caitheamh aimsire: is iad na daoine óga go n-oireann sé dhóibh. Is ionmhuin liom bheith ag caitheamh ameasc m'aos cumainn: mo dhlúthcháirde.

aos: *f.1.* an seal, tamall, nó an t-achar fada nó gearra do mhaireann aon chaonaidhe nó rud; an feadh do mhaireann duine; an dáil shean; tagtha chun coindealghachta dréir na dlighe; faid mhóir bhliadhan. Cad is aos duit? cad é an méid bliadhain atá ó saoghaluigheadh thu. Is mithid dúinn bheith ag dul abhaile tá aos an lae buailte linn: an tráthnóna. Fuair sé aos maith, cheithre fichid bliadhain: seal fada. Chómh luath agus tháinig sé d'aois fuair sé oidhreacht a athar. Ó fhás go h-aois fear díreach, carthanach dob eadh é: ó bhí sé n-a fhear fásta go deireadh a shaoghail.

aosánach: *f.1.* duine óg; ógánach. Nuair bhíos im aosánach ní chloisinn ach Gaedhilg: duine óg. Tá dúil mhairbh ag aosánaigh an lae indiu i bpeictiúiridhibh reatha: na daoine óga. Budh dhathamhail é thu it aosánach: tímcheall a fiche. Bíonn an croidhe mear san aosánach: bain aoibhneas as do shaoghal faid bhír it aosánach: faid bhíos an óige agat.

aosmhar: *a.* aosta. Duine aosmhar seadh aonne buailte leis na cheithre fichid: sean a dhóthain. Bímís ag gluaiseacht abhaile, tá an oidhche aosmhar, tá sé ar buille an chluig: déidheanach go leór.

aosóga: (*uimhir iolradh*) cá bhfuil na h-aosóga ar scoil? na leanbhaidhe.

aosta: *a.* sean, caithte, ársa. Cá bhfuil an duine aosta? ceann an líon tighe. Sara bhfuair ár nduine aosta bás ní raibh mairg sa tsaoghal orainn: ár n-athair. Níl ann anois ach fothrach aosta mar a raibh teampall breágh seal: go mórchuid bliadhan. Arán aosta is fearr go mór ’ná arán úr: déanta le tamall. Chidhinn go minic an sionnach aosta ag súgradh lé n-a coileánaibh tráthnóintidhe breághtha: an mháthair. Cloch aosta go bhfaghfá an Ogham Chraobh uirthe: ársadh, seanda. Ní féidir na prátaidhe (ubhla etc.) aosta so d’itheadh, táid ag dreódhadh: bainte lé fada. Ní gheárrfadh an scian aosta so faic: caithte, maol. Scéal aosta atá agat, éirigh as, is eol do gach aonne é: neamhnódh.

aostacht: *b.3.* do bheith aosta, sean. Thuit an seanbhád as a chéile lé n-a h-aostacht: leis an méid bliadhan a bhí aice. Níl aon rud ag teacht liom ach m’aostacht, tá na cheithre fichid slánuighthe agam: méid mo bhliadhan. Dá aostacht beathuisce seadh is fearr é: dá fhaid bhíonn sé déanta is fearr é. Ní phósfadh an cailín fiche bliadhain fear an dathaid lé n-a aostacht: iomad bliadhain do bheith aige uirthe.

aosuighim: *b.a.* $_{7}$ *n-a.* téidhim i mbreis bliadhan, cuirim breis bhliadhan ar. Is mór mar aosuigh sé le geairrid d’fhear ná fuil mórán bliadhan aige: tháinig cuma shean air. Tiocfaidh ciall don leanbh nuair aosóchaidh sé: nuair bheidh breis bhliadhan aige. Ceal córaidheachta agus aindeise an tsaoghail d’aosuigh me: do chuir cuma seanduine orm. D’aosuigh an oidhche i nganfhios dúinn ag éisteacht leis an seanchaidhe: chuaidh sí chun deireanaighe. Ó d’aosuighis níor dheinis pioc maitheasa duit féin: ó tháinig na bliadhanta ionat. Aosuigheann fíon i soithighibh adhmaid: aibigheann sé n-a cheart, oireamhnach lé n-ól. Ná bíodh súil agat le gal as an bpíp seo, aosóchair go maith sara bhfaighir: beidh tamall maith gan toradh agat ag tnúth leis.

aothuighim: *b. n-a.* atharruighim i mbreóidhtigh ar feabhas. Chómh luath agus d’aothuigh uirthe d’aithnigh an dochtúir go mairfeadh sí: bhris an bhreóidhteacht. Dá maireadh sé go n-aothóchadh air bheadh dul aige ar mhaireachtaint: atharrughadh.

ar: *réamhfhocal.* mar gheall air, i dtaobh, i leith, maidir lé. Ar áilneacht deirtear gur deacair buadhachtaint ar Chill Áirne: maidir lé. Ar olcas na h-áite ní lonnóchadh sé ann: mar gheall ar. Ar fheabhas an fhir do toghadh: toisc é bheith chómh maith. Ar dheacracht na h-oibre agus ar fhaid an lae do dhiúltuigh sé: i dtaobh. Ar fhéile is deacair a mholadh n-a cheart: méid a fhéile. Ar ais nó ar éigean bainfead amach mo cheart: lé cleas nó lé foirneart. Gheobhair biadh agus cóir ar fheabhas: is fearr. Dar liom go raibh gach aon rud ar áilneacht an domhain: tuigeadh dom ná féadfadh faic do bheith níos feárr: in iomláin. Doirteadh an bainne ar fuaid an úrláir: ar mhórchuid de. Cuireadh fógra amach ar fuaid na dúthaighe: san uile bhall den ndúthaigh. Bíodh an áit ar fad agat: gach pioc. Tógtar falla deich dtroighthe ar aoirde: in. Bóthar fiche troigh ar leathadh: sin é a leithead. Ar reimhre ní bhfaghfá muc mar í: muc chómh reamhar léi. Poll dathad feadh ar

doimhneacht: an méid sin feadh go tóin. Ameasc; den líon. Bhí Eoghan Ruadh Ó Néill ar na saighdiúiridhibh dob fhearr lé n-a linn: ar an áireamh. "Bitheamhnach toghtha dob eadh bitheamhnach Ghleanna Fleisce" – "bhí sé ortha": in áireamh na mbitheamhnach budh mhó drochcháil ainmneófí é. Is dóigh leis go bhfuil sé ar an nGaedhilgeóir is fearr: gurb é féin sin. I gcás, i gcúis, ar mhaithe, maidir le. Ar shon a mhná agus a leanbh a bhí an breitheamh bog leis an mbráighe: mar gheall ortha san. Ar son Dé tabhair dos na bochtaibh: i gcúis Dé. Ar shon m'anama ní bheadh truagh agam do: agus crích m'anama do chur chuige. Ar mhaithe leis féin do dheineann an cat crónán: mar gheall ar. Ar shon do mharbh bí foidhneach: i meas ortha san. Ar a shon gurbh é an té budh shine den gclainn é ní hé is túisce do phós: gidheadh gur bh'é. Ar a shon gaol geairrid do bheith agam leis ní labharfadh sé liom: d'aindeóin. Ní chuirfeadh sé a chasóg mhór air féin ar a shon go raibh fuacht nimhe ann: gidheadh go raibh (budh chóir do). Thug sé íde na muc agus na madraidhe ar a mhnaoi, ar a shon san agus uile níor labhair sí smiog: d'aindeóin an méid sin. Dá mhéid cáinte dheineann sé orm ar a shon san a's uile is maith leis bheith im chuideachtain: mar sin féin. Dualgas, iachall. Bheadh orm dul abhaile dá mbeadh cúram tighe orm: chaithfinn etc.: cúram tighe rómham. Chuireas fiche púnt orm féin ag ceannach troscáin: fiacha. Níl oiread a's pingin ruadh air: gan fiacha. Beidh orm fiche míle do shiubhal: caithfead. Tá sé ar chách a anam do shaoradh: de dhualgas. Cad tá ag teacht ar Sheán le déidheanaighe níl greann ná seódh ann? cad tá ag goilleamhaint air? "Cad, deir an dochtúir, atá air?" "go bhfuil a chroidhe ag cur air": ag goilleamhaint. Fan, caithfead mo bhróg do bhaint díom, tá sí ag (luighe) cur orm: ghom ghortughadh. Cuireann púcaidhe eagla ar leanbhaidhibh. Cuireann obair chruaidh tuirse orm. Cuirfidh an goirteamas tart ort. Tháinig fonn codlata orm agus chuadhas 'on leabaidh. Cuireann sé iongadh ar mhórchuid a fheabhas táimíd ag dul chun cinn i ngiorracht aimsire. In ionad áthais do theacht ort me bheith chómh maith is amhlaidh atá formad ort. Thiocfadh leisce ort roim bhóthar fhada. Díomhaointeas atá ort, a bhuachaill, ná raigheadh ag obair: ag baint leat. Díthcéille bheadh ar aonne thabharfadh rún air féin d'aonne eile. Bíonn bród ar mo chroidhe nuair théidhim im áit dhúthchais. Ní chuirim aon tsuim n-a gheámaidhibh, is mithid dom taithighe bheith agam air: eólas a shlighthe. Leis an laige radhairce atá ort ní mór duit spéaclaidhe: goilleamhaint. Seachain tú féin ar chonntabhairt na farraige. Ar an ndiall cosain tú féin: maidir le, i leith. Téir ar do theicheadh, tá an tóir ort: gaibh lé teicheadh, tá an namhaid id dhiaidh. Chaith sé leath a shaoghail ar a choimeád ameasc na gcnoc: ag tabhairt aire do féin ó n-a lucht tórtha. "An dóigh leat go bhféadfá dathad míle do shiubhal in aon ló?" – "bheadh sé air agam é do dhéanamh": budh dhícheall dom má fhéadfainn é. "Lá éigin cuirfead in iúil duit gur fearr d'fhear me ná thú" – "tá sé air agat": tá sé ar a tharang agat: tá beart rómhat a thásdálfaidh do chroidhe díchill. Nuair eirigheann lé duine rud do dhéanamh agus ná bíonn ach san, deirtear, "do bhí sé air aige": b'é a dhícheall mór é. Chuaidh sé air aige, dá fheabhas oibrigh sé, an leabhar do chríochnughadh i mbliadhain: do theip air. "An dóigh leat go mbuadhfaidh sé an chúis dlighe seo?" – "tá eagla orm go raighidh air aige": go dteipidh air. Téir-se isteach ar tosach agus raighead-sa isteach ar deireadh: tusa an chéad duine agus mise i ndiaidh na coda eile go léir. Ar dtúis suidhimís sara ndeineam cainnt: roim gach rud eile. "Téanam anois" – "ar ball, tá aimsir ár ndóthain againn": tréis tamaill. Raighead ann ar an mball: gan moill. Raighead ann ar an mballach: tréis tamaill mhaith. Ná cuir ormsa gur mé leath na bréaga san ort: ná milleánuigh mise, ná cuir im leith é. Gearánfad ort let athair má bhír ag tabhairt teallaireachta uait: inneósad dot aire gur cúis é. Ó bhronn Dia ort foidhne do

bheith agat ná héist le tarcuisne: thug do. Roinntear an t-airgead ar na bochtaibh uair sa tseachtmhain: tugtar cion do gach duine aca. [Cialluigheann "ar" síos annso "stáid"]. Cuir an peictiúir ar crochadh. Cuirtear an bád ar snámh. Bhein ar meisce dá n-ólainn an méid sin. Ná fanfá socair, táir ar mire. Seachtmhain do bhí mo mhadra ar iarraidh: gan fagháil. Daoine ar buile (ar báine) a cuirtear go teach na ngealt. Fuair sé céad púnt ar iasacht sa bhannc. Is fadó d'imthigh a chiall ar fán: amugha. Níl an scian ar fagháil in aon áit. Chaith sé an tseachtmhain ar marcaidheacht: san iallait. Ná fág an doras ar oscailt. Tháinig an gadaidhe tríd an bhfuinneóig a bhí ar deargleathadh. Toigh an t-airgead ruadh as an airgead bán agus cuir ar leithligh (leithrigh) é, nó ar leathtaoibh: leis féin. Cad tá ar an lá, ar an aimsir, ar an maidean, ar an dtráthnóna, ar an mbliadhain? cad iad na cómharthaidhe aimsire is féidir leat do thabhairt fé ndeara? Ar eagla go mbeadh an leanbh ag gol thugas ubhall do: trí. Ar choingheall go bpósfadh an cailín óg é do thug an seanduine míle púnt di: ag braith air. Ar thuigsint dom go rabhas mícheart ghabhas mo leithscéal: an uair etc. Ar fhéachaint tharm dom chonnac é: an uair etc. Ar ghabháil trí Bh'l'Áth Cliath dhom thugas cuaird ar an nDáil: lé linn: ag an am. "Ar thaisdeal dhom trí bhailte puirt a's bántaibh míne réidhe, cé gheobhainn lém ais ach an chúil fhionn dheas etc": agus mé ag siubhal etc. Ar feadh na mbliadhan bhí cosc ar dhigh san Oileán Úr: i gcoinnibh. Ná bí ag gabháil ar an madra: ag bualadh. Cuir ort do chuid éadaigh: gléas tú féin. Thug sé seachtmhain ar an leabhar: chaith sé seachtmhain ghá léigheamh nó ag obair air. Nuair bhíos ag déanamh ar an mbaile chonnac solas sa bhfuinneóig: ag druideam leis. Ná cuir aigneas ar sheanóir: na téir chun argóna leis. Ná cuir troid ar neach: ná téir chun troda le. Cuireadh fios ar an ndochtúir lém olcas: glaodhadh air. Cuireadh mar chúram orm aire do thabhairt don áit. Nár chuirimíd bréag ort: deirtear so i dtaobh dhuine a chuireas ort nó nách maith leat milleán do bheith air nuair dheineann sé rud éigin ná beadh coinne agat leis. Go ndéinidh Dia trócaire ar a anam. Ag machtnamh dom ar an mbaile tháinig uaigneas orm. Ar an bhfuadar atá fút déanfair go maith: dréir mar táir ag déanamh i láthair na huaire. Déin ar an dtigh go tapaidh, tá gádh leat ann: imthigh go mear. Déinidh isteach ar a chéile: druididh go h-athchomair: ionnsaidhidh a chéile. "Annso leis an uisce!" – "beir fada. Táim ag déanamh ort": ag dul go dtí thu.

ar: *an fhorainm choibhneasta "a" agus "ro". Baintear áis as san aimsir chaithte*: an méid, an líon. D'ith an madra ar fhágas im dhiaidh den mbiadh: an méid a bhí fuighleach. Ar mhairbh sé chuir sé i bpoll faille: an méid daoine. Ar fhás d'ubhallaibh níor bh'fhiú trácht ortha: an méid ubhall. Bíodh ar bhuadhais agat: an méid do bhuadhais coimeád. Chuir sé an méid nár theastuigh uaidh den airgead 'on bhannc. Na daoine dár thugas gean is iad budh neamhmheastamhla orm: gur thugas dóibh etc. Dár léigh ní raibh aonne budh shoiléire 'ná é: den líon nó méid daoine. Dár choidrigheas níl neach is ionmhaine liom 'ná thu: des na daoinibh uile etc. Chaitheadar ar thuilleadar: an méid. Ní mise an té dár cóir labhairt leis: lé n-ar cóir, gur cóir labhairt leis. Is tusa an té dár fhágas an t-airgead n-a chómhair: do. Cad é an áit dár fhágais do chuideachta? d'fhágais iad ach cá h-áit? Cad é an treó dár bhuail an t-urchar? an ball.

ár: *f.1.* éirleach, coscar; galar; anródh; scrios. Nuair ghéill an baile don namhaid do deineadh ár ar an uile dhuine aca: marbhuigheadh iad. Níor marbhuigheadh riamh an oiread daoine, a lithéid d'ár níor thárlaidh riamh: de mharbhadh. Tá drochchuma ar an lá indiu, déanfaidh sé lá áir: beidh droichshíon againn. Ar an bhfuadar atá fén bhfear san

agus an scian mhalluighthe sin aige déanfaidh sé ár: scrios: díobháil. Aimsir áir aca san Oileán Úr, na céadta bailte n-a lochaibh, na daoine gan tighthe agus cuid mhór báidhte: aimsir anaithe. Thuit ár éigin ar fheirm i Sasana, do léigheas ná maireadh aon ainmhidhe uirthe: galar nó pláigh. Bítear san ár air ar scoil toisc ná saothruigheann a cheacht: sa tóir air. Ní tuigtear dom cad fáth ná fuilir muinnteardha liom, bír an uile uair 'san ár orm: eascáirdeamhail. Cuireadh ár cloidhimh ar dhá chéad againn: marbhuigheadh le cloidheamh. Níl meas madra agam air, an raispín áir nár fhliuch a bhéal i gcuideachtain: sprionnlaitheóir truaghánta. Duine "ná feicfeadh a chroidhe dá mbeadh sé ar a bhais aige": duine bochtchroidheach, cruinn.

ara: *b.4.* giolla, duine tugtha d'aon nidh áirighthe. Is é ara an óil díg na bhfear: an fear a bhíos tugtha don ól is é an fear is measa é.

ára: *b.5.* dubhán, scairt. A dhuine na n-árann, cad san dhá rádh agat? cuirir iongadh orm: a dhuine dhílis, an chroidhe istigh. A dhaoine m'árann, éistigh le focal Dé 'sis feárrde sibh é: a phobail ionmhuin.

árach: *f.1.* caoi (cao); leigheas; súil. Fiacha ghá itheadh a's gan aon árach aige air, mar ná fuil sé ag tuilleamh aon ruda: níl leigheas aige air. In árach go n-eireóchadh leis an siopa chuireas mo chuid airgid ar fad ann: lé súil go. Dá bhfaigheadh an bitheamhnach árach air ní fhágfadh sé luid bídh againn: amus nó cao ar ghoid.

aradha: *b.5.* srian, cosc, smacht, corpchosc, soilbhre, gnaoi, greim, riocht. Is fada dhuit ag imtheacht le h-aer an tsaoghail agus is mithid duit teacht ar t'aradhanaibh (adhradhanachaibh): ciall do bheith agat, smacht do chur ort féin agus filleadh ar bhealach do leasa. Bí ar aradha mhaith lé gach duine: bí ceannsa, gnaoidheamhail. Budh dheacair aon bhogadh d'fhagháil as mar bhí sé ar dhrocharadha toisc na tarcuisne fuair sé: míoghnaoi air. Cad is subháilcighe ná bean go mbíonn foidhne bhreágh aice a's aradha fhada: corpchosc nó smacht ar a mianach. Is eagal liom go bhfuil mo lá istigh, brathaim in aradhanaibh an bháis me féin: i mbéal nó i ngreim an bháis.

aradhnach: *a.* foidhneach, srianta, fé smacht. Dá mbeidhtheá níos aradhnaighe d'fhoghlumófá níos fearr: níos foidhnighe. Sin locht atá riamh air, talamh slán do dhéanamh de gach aon ráfla gan bheith aradhnach go gcloiseadh an dara scéal: foidhneach. Bí aradhnach id ráidhtibh a's ná bíodh imshníomh na míoruthug ort: foidhneach, srianta. Duine fad-aradhnach a fhuilngeóchadh do chuid tarcuisne: árdfhoidhneach. Nuair chuir Sasana cáin ar ár n-onnmhuiridhibh shaoil sí ná beadh na feirmeóiridhe chómh h-aradhnach a's táid: ná fanfaidís gan toirmeasc do dhéanamh.

aradhnacht: *b.3.* cosc, srian, toirmeasc, bac. Budh mhór an aradhnacht do chuireas orm féin a's nár bhuaileas é tréis a bhfuaireas de tharcuisne: an cosc. Grásta ó Dhia seadh an aradhnacht an uile am: níl faic is ionmholta 'ná toirmeasc na feirge fé ghríosadh. Cad is subháilcighe ná fad-aradhnacht in am an dearbhtha, in am na tástála: foidhne agus tuigsint.

araghaidh: *b.* (*-aghtha*) éagcosc, gnúis. Ní fheaca riamh araghaidh ar aon fhear mar atá air: gnúis thaithneamhach ("araoi" an fhuaim, ach nách "ar" + "aghaidh" atá ann? ar nós air scríobh, airrí etc.).

aragal: *f.1.* gleódh, dul trí chéile, achrann, conspóid, scéirdeamhlacht. Drom an aragail: cnámh cnuic fiadhain, scéirdeamhail gan foithin. Gach aonne ag cainnt in aonfheacht gan éisteacht le h-aonne eile go ndearnadar tigh aragail de: tigh gleóidh, míriartha. Dá n-éistigheadh cuid den aragal b'fhéidir go dtuigfimís féin a chéile: cuid den ngleódh. Is é lá dhuit teacht, é chómh fada ó bhaile lá aragail mar é: lá fiadhain, olc. "Tigh fada aragail seadh é seo", ars an bhean siubhail, nuair ná faigheadh sí cao ar fhocal do rádh. Ná cuir puinn suime in aragal na ndaoine, is iomdha scéal gan bun a bhíos n-a measc: ráidhteachas.

araid: *b.2.* cófra, gabhadán, árus chun mine, plúir, arbhair nó a lithéid do choimeád. Lán na h-araide de shiúicre laistigh de chonntabhairt: cuid mhór, mhaith.

arán: *f.1.* biadh déanta de phlúr nó de mhín lé n-a fhliuchadh a's do bhácáil, téagar, marthain, adhmanas, scabhárd. Arán eórnan, seagail, cruithneachtan, plúir, min-choirce. Arán buidhe: arán déanta as mhin bhuidhe amháin. Ní ar an arán buidhe tógadh é: cothuigheadh go maith é. Arán ruadh: arán déanta de phlúr a's de mhin-choirce. Arán bán: arán siopa. Arán tighe: an t-arán do bácáltar ag baile. Arán greidil: arán a bácáltar ar lic thanaidhe iarainn. Arán oighinn: arán a bácáltar in oigheann clúduighthe. Arán tur: ní bhíonn aige ach an t-arán tur: arán gan aon tsaghas annlainn mar ím, feóil nó a lithéid. Ní raibh a chlann ag tuilleamh an aráin an uair sin: ní rabhadar ag déanamh a slighe bheatha. Dá gcuimhnighteá ar an arán atá ithte agat ní dhiúltófá me ar phúnt: an chomaoin a chuireas go minic ort. An bhfuil aon arán agat dhá bhaint as an bpeann san? an bhfuilir ag baint aon áise as? Ní h-iongadh do bhróga bheith gan caitheamh fós, is beag arán do bhainis asta: is annamh do bhíodar ort. Cad é an t-arán do baintear as chorcán? – beirbhightear rudaidhe ann. "Bain arán maith as an scilling sin mar sin a bhfaighir": cuir crích mhaith uirthe: ná caith go hait í.

araon: i dteannta a chéile, dhá rud, ainmhidhe, beirt. Sinne araon: an bheirt againn (sinne beirt). Sin dhá sciain, tóg iad araon: gach ceann aca. Sibh-se araon dob fhearr liom teacht: an bheirt agaibh gan neach eile. Níl ann ach sinn araon: an chuid eile a bhí ann imthighthe nó tréis bháis, nó tréigthe.

arbhar: *f.1.* coirce, seagal, eórna, cruithneacht, gráine d'aon tsaghas. Tá fás an arbhair fén ngarsún san: ag fás go tiugh, árd. Ag cur an arbhair isteach: dhá thabhairt in iothlainn. Ag bualadh arbhair: ag scaradh an ghráine leis an dtuighe.

arbhu: Arbhu indé - Indiu an Domhnach, indé an Satharn, arbhu indé an Aoine: aon lá roimhe an lá indé. "Cathain chonnaicis é?" – "arbhu indiu!": indé (deirtear san amhail a's dá mbudh greann é). Indiu an Luan, arbhu ambáireach an Chéadaoin: an lá i ndiaidh na Máirte. Arbhu airéir: an oidhche roim an oidhche airéir. Arbhu anocht (deirtear san ar an slighe gcéadna mar deirtear 'arbhu indiu'). Sid í bliadhain 1936, an bhliadhain anuiridh

dob í 1935, agus arbhu anuiridh 1934. “Déanfad an gnóth úd arbhu ambáireach” – “déanfair, bíonn arbhu éigin i gcómhnaidhe agat”: leathscéal athlae.

árd: *f.1.* (*g.* aoird) cnoc, cnocán, mullach; éirghe talmhan; áit sosa ar bhealach nó ar bhóthar. Bhuail sé chughainn ar árd an lae: tamall maith tréis meádhon lae. Sé am duit tosnughadh ar obair é in árd an tráthnóna thiar: déidheanach go maith. Duine leisceamhail é ná h-eirigheann go h-árd na maidne: isteach go maith sa mhaidin. Is ionann ag an gcapall san árd agus ísleán, tá sé chómh láidir sin: talamh éirighthe. I gcoinnibh an aoird tagann saothar orm: ag dul suas talamh éirighthe. Chaith sé uair an chluig in árd an bhóthair: áit gur gnáthach le daoinibh stad ar an mbealach ón mbaile mór. Tigh ar árd ní gnáthach rath air: tigh ar chnocán nó i mball go mbíonn bualadh (triall) na ndaoine air: ní bhíonn ádh le tigh ar chnocán talmhan. Bhuail an tuinncéir chuige a mhealbhóg ar árd a ghualann: suas go maith os cionn slineán. Ní bhíonn an fulang sa duine nuair bhíonn sé in árd na mbliadhan: isteach go maith ionta. Screadas air in árd mo chinn agus mo ghotha ach níor chualaidh me lé n-a bhodhaire: chómh láidir agus eireóchadh mo ghuth. Chuarduigheas d’árd a’s d’fhánaidh an tigh ar lorg mo hata ach ní raibh lé fagháil: ní raibh ball ná cúinne nár chuarduigheas de. Is fusa dhuit an t-ualach d’iomchar ar árd do dhroma: ar an gcuid is uachtaraighe dhe. Labhair ós árd, ní chloiseann aonne thu: labhair amach. Tháinig uisce go h-árd mo ghlún orm ag teacht treasna na h-abhann: suas go glúinibh. Cad chuir an t-árd sa bhórd? níl sé slinn: níl sé dréir a chéile. Lagochadh árd na faille thu siubhal aníos: a dhírighe, a ghéire, a sheasamhaighe agus tá sí. Tá guala liom árd ó cuireadh an ghuala eile as ionad: níl sé ar chóimhrian leis an gceann eile: tá eirghe innte. Ní thaithnigheann t’fhalla liom, a shaoir, tá árd ann: tá pluc, éirghe, aoin amach air. Árda(nna) ar fad seadh Corca Dhuibhne: cnuic agus sléibhte. Do labhair an Almáin sa deireadh ós árd ná raibh sí sásta leis an ndéanamh do bhí dhá fhagháil aice: go poiblidhe. “Cad táimíd anois, a pháirtidhe?” – “a deich fichead agus nílid sin ach a cúig déag” – “an-mhaith, coimeád an t-árd ortha ar do bhás”: fan os a gcionn. D’imthigh an girrfhiadh an t-árd amach: suas agus dá mhullach. Cuir an t-árd díot: scrios! “Cé is dóigh leat do toghfar?” – “níl a fhios san agam, ach tá an t-árd fós agam ar mo chóimhéilightheóiridhibh”: táim chun cinn ortha: os a gcionn. Tair san árd ar do ghnóth: gaibh comhthrom chuige. Duine neamhchríochnamhail a scaoil a chuid le h-árd an tsaoghail: gan aire do thabhairt do. Budh mhór an t-árd do shroich Peárneil ameasc Gaedheal: an réim do fuair sé uatha. Ainmneacha áiteann: Árd Fhearta, Árd Fhíonáin. Na h-Árd Ruaidhtidhe (uimhir iolradh. Árd Ruadh. Is ar an aidiacht do bunuigheadh an iolraidheacht! nách ait sin?).

árd: *a.* (*c.bh.* aoirde) faid suas ó thalamh, ó bhun; glórach; tréan, uasal, céimeach. Do shéid gaoth chómh h-árd san gur leag sí crainn: láidir, tréan. Is árd í béic na mara le linn stoirme: glórach. Tugtar duine árd ar fhear sé dtroighthe. “Bhrisfinn a bhfuil de chnámhaibh id chorp!” – “is árd é, ar mh’anam”: is teann do labhrair. Dob árd liom an léim agus stríocas: tuigeadh dom go raibh sé thar mo chumas í do nochtadh. In a óige ní raibh ann ach teachtaire siopa, le linn bháis do bhí na céadta mílte púnt aige, is árd d’éirigh sé: saidhbhir. Dob árd an t-éirghe rinne sé ó bheith n-a mháirnéalach go beith n-a aimiréal: iongtach. Bailigheann daoine árda as gach tír go h-aonach na gCapall in Áth Cliath: na h-uaisle. Tá luach na mbróg ró-árd dom, ní bhacfad iad? ró-dhaor. Trí chéad púnt a bhí uaidh ar an dtigh, tairngeas dhá chéad cheithre fichid air, nách ndeachas árd go

maith air? daor go maith. Tá poll maith árd féd bhun annsan – dathad feadh! an-dhoimhin. seadh is aoirde earraidhe tráth is gainne iad: daoire. Deirtear go mbeidh teas árd ambliadhna ann: mór. Fan árd ar an bhfalla leis an aol: uachtarach. Suidh árd ar an gcathaoir: suidheachán is uachtaraighe ón dtalamh seadh an chathaoir agus suidh uirthe. Is maith árd eiteallann an fiach dubh: suas i bhfad san spéir.

árd-, áird-: *réamhfhocal.* mór, sár, an-mhaith. Árd-oidhche bhí againn ar an mbainis, rinnce, ceól, amhráin, biadh agus deoch: oidhche mhaith, mheidhreach, shubháilceach. Áirdiomrascálaidhe seadh Ó Mathghamhna, níor buadhadh dhá uair riamh air. Árddhórnálaidhe dob eadh Ó Díomsaigh: sármhaith. Tráighlí sé árd-bhaile Chiarraighe (cóimhbhéim ar an dá fhocal): an baile is mó ann. Áirdfhear aonne a oibreóchadh deich n-uaire chluig gach lá: fear sármhaith. Árddhúthaigh chun maireachtana innte Éire: is aoibhinn maireachtaint innte. Níor mhór duit áird-scian le faobhar chun leathair do ghearradh: scian go bhfaobhar an-ghéar. Scannruigheann árd-ghaoth me: gaoth láidir, theann. Bíodh árd-chion ar t'anam agat, bí aireach ar do shláinte: bíodh grádh tar teórainn agat air. Árd-chladhaire dob eadh an té a ghoid mo chuid airgid agus mé ghá chothughadh lé mí: cladhaire thar chladhairidhibh.

árdach: *f.1.* do thógaint anáirde, tógaint, éirghe, breis. Cuireadh árdach cíosa ar mo thigh, anuiridh fiche púnt, ambliadhna chúig phúint fichead: breis, méadughadh. Ag árdach na seólta do bhris na téada: dhá dtógaint anáirde ar na crannaibh. Loirgeas árdach tuarasdail: breis airgid as mo shaothar. Rugas ar an mbitheamhnach ag árdach mo bhróg leis: ghá ngoid. Níl aon árdach ar an aimsir, fliuch, tais, dorcha: aon scartadh, glanadh.

árd-aidhm: *b.2.* miandúil, éirim árd. Im óige b'é m'árd-aidhm bheith im oifigeach airm: dob é sin an rud budh dhúlmhaire im inntin. Cad é t'árd-aidhm beathaidh? cad é do theóra beathaidh? Sí Máire m'árd-aidhm mná: an rogha mná dob fhearr liom do bheith agam mar chéile.

árd-aidhmeannach: *a.* mór-éirimeach, áirleógach, dúilmhianach; tósdalach, mórtaiseach. An duine bocht is árd-aidhmeannach aige bheith ag cuimhneamh ar bheith n-a Theachta Dála: tá a aigne ar nidhthibh thar a chumas. Gidheadh gur bochtnuigheadh fiche uair é bhí an mian árd-aidhmeannach ann agus ní stríocfadh sé. A bhean árd-aidhmeannach, dúil i gcomhluadar uaisle, in éadaighibh costasamhla 'si dtaisdeal budh chúis lé n-a dhaidhbhriughadh: éirim thar cur leis aice.

árd-aigeanta: *a.* aigne nó inntin uasal do bheith ag duine. Ní chorróchadh breab ná beart é ó n-a aidhm, bhí sé chómh h-árd-aigeanta san: aigne ná claoidhfeadh saoghaltacht. Taoiseach árd-aigeanta dob eadh é, ná cothughadh fuath dá namhadaibh ar son baile a thíre: gan aon neamhcharthanacht ná suaraidheacht ag baint lé n-a inntin: mórtach, mórdhálach.

árd-aigeantacht: *b.3.* Cuireann sé árd-aigeantacht ar a mhuinntir a fheabhas do throid sé ar son na h-Éireann: cuireann tóirtéis ortha aca féin. Eitigheadh uair amháin é agus nuair tafantadh ar an áit do ghlacadh do dhiúltuigh sé dhe lé h-árd-aigeantacht an duine: mórdháil spiride.

árd-aigne: *b.4.* Níl árd-aigne ag aonne bheith ag fagháil lochta ar a thír agus ar a mbaineann léi; ní spirid gur féidir bheith mórdhálach aiste: suaraidheacht inntine.

árd-aingeal: *f.1.* aingeal ar an gcéad órd ar neamh. Mícheal naomhtha árd-aingeal go nguidhidh orainn.

árdán: *f.1.* éirghe talmhan, cnoc íseal; an portfhalla go síneann traen nó scuain suas leis sa stad; an stáitse nó fléige in amharclann. Is deacra rothaidheacht i gcoinnibh árdáin ná leis: is deacra dul suas éirghe talmhan. Ní fheaca ag teacht chugham é toisc an árdáin a bhí eadrainn: an cnapán talmhan. Shroicheas an t-árdán díreach agus an traen ag gluaiseacht amach: an port árd tógtha chun dulta ar bórd gan puinn duaidh. A luaithe thánag ar an árdán chun amhráin do ghabháil tháinig scáth orm: an tógáil adhmaid go láithrigheann aisteóiridhe, rinnceóiridhe, amhránaidhthe, ceóltóiridhe etc. d'fhonn go mbeidís i gcomhthrom 'si radharc ceart ag an lucht féachta.

árdánach: *a.* go mbíonn árdáin ann. Dúthaigh árdánach is deacair í do shaothrughadh: talamh ná bíonn comhthromamhail nó réidh. Dhá chonntae árdánacha seadh Tír Chonaill agus Ciarraighe: lán de chnocaibh a's de shléibhtibh: cnapach, mullógach.

árd-chómhairle: *b.4.* an chómhdháil nó an drong reachta is aoirde in aon dúthaigh nó ar aon chómhlucht; comhairleóir an-mhaith, abhcóid, eadarghuidhe i ndlighe; baramhal mhaith a tugtar do dhuine chun a leasa. In Éirinn tá árd-chómhairle againn curtha lé chéile as na h-airidhibh agus is aca tá dearbhughadh nó scaoileadh aon bhreatha. Árd-chómhairle d'aonne seadh fanacht ó dhlighe agus ó dhligheadóiridhibh mar is costasamhail baint leó. Deirtí gurbh árd-chómhairle (árd-chómhairleóir) Domhnall Ó Conaill: eadarghuidhe a thagradh cúiseanna dlighe go hiongtach.

árd-chómhairleach: *b.2.* do dhéanamh cómhairle maithe, dúthrachaighe. Fuair sé árd-chómhairleach ón ndochtúir i dtaobh a shláinte: na biadhanna a's na deochanna budh riachtanach do chaitheamh agus do sheachaint.

árd-chómhacht: *b.3.* neart gnímh; an fheidhm chun ruda do dhéanamh, an cumas a thagas ó fheabhas clúidh, inntine, gradaim etc. Is é Dia féin árd-chómhacht na cruinne: is aige atá cumas, smacht agus réim ar a bhfuil ann. Tá an oiread san árd-chómhachta ag ár n-árd-chómhairle gur féidir leó duine daortha chun na croiche do shaoradh uaithe. Gheobhadh an fear san aon rud d'aonne ón riaghaltas, tá árd-chómhacht aige: tá léighe anmhór ar fad leis. Tá an charraig liath lán de mhéisciridhibh ag árd-chómhacht na mara: cumas agus neart na mara ghá léasadh. Árd-chómhacht dob eadh an Ghearmáin agus seasamh cheithre bliadhna agus a raibh n-a coinnibh: neart agus fulang mór.

árd-chómhachtach: *a.* go mbíonn árd-chómhacht ag. A Dhia árd-chómhachtaigh, cosain me ar an namhaid mhalluighthe: go bhfuil an oiread san de neart is cumas agat. Treabhachaistidhe árd-chómhachtacha dob eadh Síol Bhroin agus Muinntir Tuathail tráth i gCill Mhantáin: do bhíodar an-láidir ar fad agus réim aca. Na tíortha dob árd-

chómhachtaighe dá raibh riamh d'fheódar: budh fhairsinge réim, go raibh breis smachta aca.

árd-fhlaitheas: *f.1.* taoiseacht, dúthaigh fhairsing fé réim aonne amháin, cómhacht nó smacht mór do bheith ag. Geallaim dhuit nách aon árd-fhlaitheas an fheirm chnuic atá agam: ní mór lé rádh ná le maoidheamh í. Do bhíodh árd-fhlaitheas ag mo mhuinntir ar Chúige Laighean ar fad: fé n-a smacht 'sa ndlighe. Ar fhagháil bháis don ríogh tugadh an t-árd-fhlaitheas dá mhac: taoiseacht nó riar a dhúthaighe.

árd-fhuil: *b.3.* fuil uasal, fuil shár-mhaith. Níor fhulaing sé focal tarcuisne do chlos ar aonne riamh leis an árd-fhuil a bhí ann: an mianach fíorcheart. Muinntir árd-fhola nár dhein díobháil aonne riamh iad: go raibh an braon glan galánta ionta. Connus bhuadhfadh capall oibre ar chapall árd-fhola i gcúrsa reatha? capall síolbhuighthe i bhfuil ghlain. Chuir sé a dhubhshlán ná scéidhfeadh sé dá ndeintí coda beaga dhe – cad dhéanfadh an árd-fhuil? an fhuil nár bh'eól di meathtacht. Chonnac ag taobhughadh lé duine iasachta go raibh éagcóir dhá dhéanamh le corp árd-fhola: lé spirid cheart, mhisneamhail.

árd-fhuil: *b.3.* cuid mhór fola. Doirteadh árd-fhuil sa chogadh mhór: mórchuid fola. Tháinig árd-fhuil as mo shróin: cuid mhíochuibheasach.

árd-ghairm: *b.3.* gairm scoile, fógradh fairsing; moladh mór, clú mór, ealadha, slighe bheatha árd. Cuireadh árd-ghairm amach do chruinniughadh na bpíobairidhe ar aon láthair: fógradh fairsing. Fuair sé árd-ghairm ameasc na mbocht ar son a charthanachta: meas agus clúdh an-mhór. Do theip air sagart do dhéanamh de agus thairng sé dochtúireacht mar ghairm air féin: mar shlighe bheathaidh. Caithfir gabháil le h-árd-ghairm éigin eile seachas múinteóireacht mar ná h-oirir do: ealadha nó glaodhach éigin eile maireachtana.

árd-ghlórach: *a.* mórchainnte, lánghleódhach, mórfuaimeach. Ar gach cruinniughadh bíonn duine éigin go h-árd-ghlórach: ag cainnt go h-árd agus go h-ait agus go fadálach. Ar theacht an earraigh bíonn na h-éanlaithe go h-árd-ghlórach: ag cantain ar a ndícheall. Bhodharfadh sé thu ag léigheamh árd-ghlórach mar bhíonn: ag léigheamh ós árd agus go garbh b'fhéidir. In aimsir bháistighe bíonn an sconna cnuic árd-ghlórach: chloisfeá i bhfad ó bhaile é. Bhailigh na daoine go h-árd-ghlórach ar an dtighearna talmhan ag lorg lacáiste: go cuthaigh.

árd-ghuth: *b.3.* guth iongntach, guth mhór láidir. Níor choir an oidhche ag amhrán é lé n-a árd-ghuth: guth sheasamhach, fhuilngtheach. Nuair bhéiceadh sé ar aonne cloistí na mílte ó bhaile é le h-árd-ghuth: guth go raibh fairsinge mhór. Is aoibhin bheith ag éisteacht lé n-a árd-ghuth ag léigheamh: guth cheólmhar, thaithneamhach.

árd-mhaithe: *b.4.* na daoine is uaisle agus is aoirde céim, taoisigh mhóra; na daoine galánta. Baileóchaidh árd-mhaithe na dúthaighe i sochraid an Uachtaráin: na daoine is tábhachtaighe agus is cumasaighe. Dar lé staigínidhibh baile móir gurb iad féin árd-mhaithe Éireann: fáslaigh etc.: gurb iad daoine galánta, uaisle, strosamhla na tíre iad.

árd-mhaor: *f.1.* an maor (feadhmanach) is aoirde; maor an-mhaith. An té is aoirde ar bhárdas cathrach. Bhíodh árd-mhaor ag gach Tighearna Talmhan ag riar a chuid fear oibre: fear cinn. Cé h-é an t-árd-mhaor ar an mbád so? cé h-é an captaen? Árd-mhaor cathrach Átha Cliath: an té is aoirde ar chómhairle na cathrach.

árd-nós: *f.3.* módh, gnás, dóigh mhór, gnáthach, coitchian. B'é árd-nós na seandaoine suidhe i seómra ag ól in ionad na conntabharthach mar ghnímíd-ne: nós árdghaládnta. Árd-nós sa Ghaedhealtacht seadh dhá lá dhéag na Nodlag do chaitheamh go biadhmhar, díomhaoin: nós go gcuirtear meas mór air. Árd-nós agam siubhalóid fhada do dhéanamh gach aon Domhnach: nós coitchian. Árd-nós ag mnáibh ár linne a bhfolt do theascadh lom: béas: béas coitchian ameasc ár mbantrachta.

árd-nósach: *a.* dréir na ndaoine is aoirde sa dúthaigh. Bhíodh dúil aice í féin do ghléasadh go h-árd-nósach i gculaitheannaibh daora, suaithinseacha: mar dhéanfadh uaisle saidhbhre.

árd-oide: *f.4.* an múinteoir nó an t-ollamh is aoirde, an ceann. Cuirtí gach aon nidh n-a chómhairle le meas ar a thuairm, b'é árd-oide an pharóiste é: an té do tuigtí dob fhearr fuaimeant agus tuigsint ar chúrsaidhibh tábhachtacha.

árd-scoil: *b.2.* scoil an-mhaith, scoil go múintear nidhthe innte nách múintear i bhfurmhór na scol. Ní mhúinfeadh scoil ná árd-scoil é: aon tsaghas scoile. Thagadh scoláiridhe maithe aiste, árd-scoil dob eadh í: scoil go múintí go maith innte.

árd-scoth: *b.3.* pór nó sliocht nó treabh uasal. Árd-scothanna na Mumhan dob iad muinntir Shúileabháin, Dhonnchadha agus Chárthaigh: na treabha budh shine, budh mhó réim agus dob uaisle. Árd-scoth Mumhan a's Laighean na Gearaltaigh: an treabh dob uaisle a's budh mhó réim.

árd-theaghlach: *f.1.* líon tighe uasal, líon tighe an-mhaith. Árd-theaghlach seadh iad, níor leigeadar duine fé thart ná ocras riamh uatha ná níor dhiúltuigheadar cóir chodlata ar neach: ró-ionmholta. Ar feadh aimsire fhada dob iad muinntir Shéaghdha árd-theaghlach Chorca Dhuibhne: na daoine dob uaisle agus budh mhó tábhacht ann. Árd-theaghlach atá aca – biadhmhar, fáilteamhail, ní bheidh aon doicheall aca rómhat: tigh go bhfuil feabhas an uile nidh aca agus iad fial fé.

árd-ualach: *f.1.* ualach mór, muirearach; ualach luachmhar; ualach ar iomchar ar dhrom ainmhidhe. Ainmhidhe árd-ualaigh de ghnáth asal: ar a mhuin a bheireann sé a ualach. Is fearr d'ainmhidhe tairing an capall ná d'ainmhidhe árd-ualaigh: chun ualaigh do tharang ná d'iomchar ar a mhuin. Ní fíos ach an t-árd-ualach a bhí ar iomchar ag an sladaidhe ag fágaint an bhainnc: ualach luachmhar (airgead). An biadh mútamhail d'itheas um phroinn tá sé n-a árd-ualach ar mo chroidhe: tá sé ag goilleamhaint ar mo ghoile. Talamh ró-achrannach, ró-ghéar seadh é ach d'árd-ualaighibh: is ar mhuin ainmhidhthe amháin is féidir ualaighe do bhreith i mballaibh áirighthe. Sa Spáinn asail agus cor-eacha árd-ualaighe is mó bhíonn aca: ar mhuin iomcharaid. Beidh árd-ualach sa ghluaisteán má bhíonn seisear agaibh ann: ualach mós mór.

árd-uallach: *a.* baoth, maoidhteach, lánmhar, tóirtéiseach. Cailín beag árd-uallach do phós sé ná fuil faic dhá thaidhreamh di ach caitheamh aimsire: cailín gan fuaimeant. Ó thuit saidhbhreas air tá sé chómh h-árd-uallach san ná h-aithneócadh sé thu: an oiread san tóirtéise gan deallramh. Cad as gur chóir do bheith árd-uallach, an fáslach ná raibh faic aige go dtí so: bheith ag maoidheamh as féin. Gan chrith, gan eagla do labhair sé, árd-uallach as a ghníomh gidh go raibh an bás i ndán do: mórdhálach. Bochtán árd-uallach seadh é ná glacfadh déirc ná cóngnamh ó aonne: rí-mheastamhail air féin. Chuala Síneach mná, árd-uallach n-a glór, go mbrathfá táir aice do thíorthachas an Domhain Thiar: tolgach, sotalach, blas an leamhais ar a ráidhtibh.

árdughadh: *f.* (*-uighthe*) breis, éirghe; tógáil, ascnamh, móradh; cur leis; dul ar aghaidh, onóir; aon rud a thógas níos aoirde. Ag lorg árdughadh tuarasdail atá agus trí púint sa tseachtmhain agat? Scrios! breis; níos mó 'ná san. Deineadh árdughadh ar fhallaidhibh an tighe, bhíodar fiche troigh, táid deich dtroighthe fichead anois: cuir breis aoirde ortha. Cuir árdughadh fé shálaibh mo bhróg, táid caithte: tóg an tsál níos aoirde. Ag árdughadh an chnuic tháinig saothar orm lé n-a dhírighe: ag dul i gcoinnibh an chnuic fé dhéin an mhullaigh. In a chóngntóir a bhí sé anuiridh, fuair sé árdughadh lé déidheanaighe go bhfuil n-a árd-oide anois: dul chun cinn n-a ghairm. Árdughadh ameasc na ndaoine dho gur toghadh d'aonghlór é n-a Theachta Dála aca: onóir mhór. Má bhíonn cogadh againn tiocfaidh árdughadh ar stoc: breis luacha. As an slait árduighthe do dhineann an gabha cruite do chapaillibh. Lá gránda salach fliuch gan aon árdughadh do dhéanfaidh sé: feabhasughadh ó ghlanadh. Do chuir an biadh láidir árdughadh ar an mbreóidhtigh aige go bhfuil i mbéal báis: do neartuigh an bhreóidhteacht air dá chionn. Ná creid aonne, níor dhaoirsigh an t-ím ar an margadh, níl pingin árduighthe air: an luach a bhí atá fós. Thugas airgead cheana dho, cad é an mhaith bheith ag árdughadh leis, níl aon rath air? ag cabhradh leis, ag teanntughadh leis. Ag árdughadh thiar as mo namhaid ataoi? ag déanamh cúltacaidheachta leis. Ní dheachaidh lag ar a teangain ach ag maslughadh, ag árdughadh uirthe bhí: ag neartughadh 'n-a cuid cainnte. Ó bhliadhain bliadhain tá an abha ag árdughadh an ghuirt léi: ghá scuabadh chun siubhail.

árduighim: *b.a.* ₇ *n-a.* tógaim anáirde, beirim liom, méaduighim; breisighim; téidhim suas. D'árduigh sé a sheólta agus bhailigh (bhailbh) leis: tháinig teadh imtheachta ann agus d'imthigh. Árdóchad an falla san troigh eile: cuirfead troigh eile ar aoirde air. Ní árdóchaidh an lá indiu is eagla liom: ní ghlanfaidh an lá. Árduigh leat do chuid airgid, ní bhfaighir faic sa tsiopa so: tóg leat é go mear. D'árduigh an bitheamhnach sionnaigh mo chuid cearc leis: ghoid sé iad gan a rian d'fhágaint. Nuair ná faigheadh sé an cailín le toil a h-athar d'árduigh sé chun siubhail í: d'fhuaduigh sé í. Árduigheadh an cíos orm agus d'fhágas: cuireadh suas é. Ná h-árduigh do ghuth nó cloisfear thu: ná labhair ós árd. D'árduigh an t-éagcruas air go dtí to raibh rádhmhaill a's speabhraoididhe air: neartuigh sé air. Árduigh ar an gcnoc: druid suas. Árduigh do lámh agus buailfidh poll an ghlais: druid suas í. Árduigh mo chasóg orm: cabhair liom chun í do chur orm. D'árduigh an ghaoth gur ísligheamair an seól: neartuigh sí. Níor árduigh an garsún órdlach le bliadhantaibh: níor fhás sé. Thairngeas fiche púnt ar an dtroscán, d'árduigh duine eile púnt orm agus leagadh do é ar phúnt agus fiche: chuaidh sé as mo chionn san luach.

árduighthe: *a.* tógtha, críochnuighthe, onóruighthe. Bheadh an claidhe árduighthe fé thráthnóna dá mbeadh fuighleach cloch aca: tógtha. Árduighthe dob fheárr liom aonne agus ní síos: uaislighthe, onóruighthe. Bheadh sé árduighthe go maith 'n-a bheart anois dá dtugadh sé aire dho féin: bheadh sé in ionad is feárr.

argain: *b.2.* creachadh; creach, scrios. I gcionn oidhche d'ionnsaidh lucht argaine an tigh a's níor fhágadar faic ann: lucht foghla. Scaoil Cromaill a chuid saighdiúiridhe fén ndúthaigh ghá h-argain, ag dóghadh na mbarraidhe sag leagadh na dtighthe: ag creachadh a's ag scrios.

argaim: *b.a.* scriosaim, creachaim, bánuighim. Más gádh é chun na dúthaighe do chlaoidheachtaint airgeóchad í: dóghfad agus leagfad agus sloidfead gach rud im bhealach.

argónaidhe: *f.4.* aighneastóir, tagarthóir, agarthóir, duine go mbíonn baramhla is tuairmidhe maithe ar a chumas. Dá fheabhas d'argónaidhe thu ní ghéillfead-sa dhuit, beidh mo thuairm féin agam: dá fheabhas do chuid chainnte ag deimhniughadh an chirt do bheith agat. Is cuma cad déarfainn ceart nó mícheart, bheidhfeá it argónaidhe orm: bheidhfeá ag connstráil orm. A lithéid d'argónaidhe ceannuightheóra, chaitheamair an lá ag déanamh margaidh: ag cur a's ag cúiteamh i dtaobh an luacha.

argóint: *b.3.* aighneas, tagradh, conspóid. Ag síorlorg argóna bhíonn mo bhean ar aon tsaghas cúrsa: ag áiteamh nó ag déanamh cainnte neamhghádhtaraighe ar rudaidhibh suaracha, neamhthábhachtacha. Dar leat go bhfuil an ceart agat, dar liom nách bhfuil, déanfad argóint leat: déanfad cainnt leat, n-a thaobh ghá chur in iúil duit gurb agamsa atá an ceart. As argóint éigin chromadar ar bhruighin: as chainnt nár réidhtigheadar lé chéile. Déanfar argóint ar "ceaca is fearr curadóireacht nó déantúisidhe d'Éirinn": cuirfear i gcoinnibh a chéile na fáthanna dar lé gach taobh gurb aca atá an ceart.

arm: *f.1.* úirlis (mar sluasad, rann, píce etc., tuagh, tuireasc, casúr, etc.); sluagh mór saighdiúiridhe chun cogaidh; líon mór. Droch-arm i láimh duine lasánta seadh scian: úirlis olc, chonntabharthach. Arm gearrtha adhmaid seadh tuagh. Arm taosctha seadh sluasaid. Arm rómhartha seadh rann. Arm caithte seadh píce. Dhearbhuigh an dochtúir nár bh'fhéidir cloigeann an fhir mhairbh do bhriseadh ach lé h-arm iarainn éigin: bior iarainn nó a lithéid eile. B'fhearr liom dul san arm dhearg ná dul ag obair chun an bhodaigh: dhéanfainn aon rud fiú amháin dul ann (arm Shasana) féin. Le linn an Chogaidh Mhóir cuireadh lucht airm ag faire an bhaile: saighdiúiridhe. Ní chuirfeadh an t-arm iachall air an cúinne d'fhágaint le leisceamhlacht: na saighdiúiridhe féin le gunnaidhibh nó beaignitidhibh! Arm faobhair seadh cloidheamh nó scian. Arm teineadh seadh gunna. "Beag é mo thaithighe ar arm ithte (scian a's gabhlán), mo lámha is fearr liom". Sa tseanaimsir bhíodh arm gorm i mBaile Ícín: máirnéalaigh an riaghaltais ag faire an oirir (chósta). Ghluaiseadar chun catha gléasta in arm a's in éide: úirlisidhe cogaidh aca agus culaith saighdiúiridhe ortha. Luigh sé in arm nuair chuaidh de obair a fhagháil: chuaidh sé lé saighdiúireacht. Beir na h-airm 'on ghort leat: úirlisidhe na feirmeóireachta. Arm siúinéara: na h-úirlisidhe (tuireasc etc.) is call do. Ní gasra bhí ann ach arm: sluagh mór, líonmhar.

armach: *a.* fé arm, fé úirlisidhibh; cogamhail; go mórchuid saighdiúiridhe. Ní rabhamair armach agus sháruigh ár namhaid orainn: ní raibh úirlisidhe cogaidh ár ndóthain againn. Mitheal mhaith armach móna deinid obair mhaith: ná bíonn aon cheal úirlisidhe ortha. Tíortha armacha ag faire a chéile seadh tíortha na hEóraipe indiu: mórchuid saighdiúiridhe agus gléiseanna cogaidh aca. Fear armach: fear go mbíonn úirlis chonntabharthach ar iomchar aige.

armacach: *a.* (**armacamhail**) séimh, ceanamhail. Dá armacaighe (armacamhla) do thóg do mháthair tu ag cailleamhaint a raibh aice leat, is olc an déanamh do thugais di: dá mhéid an grádh agus an cheannúireacht do thug sí dhuit. Ghaibh sé a bhean go h-armacamhail n-a bhaclainn, do phóg agus do shlíob í: go ceanamhail, grádhmhar. Beir go h-armacamhail ar an leanbh: tóg é agus teasbáin grádhmhaireacht do a thaithneóchadh leis.

armacas: *f.1.* ceanamhlacht, séimhe. B'olc an díol uirthe a fear do thréigean mar is ise fuair an t-armacas riamh: an cion agus an aire chúramach. An iongnadh an chlann d'imtheacht go h-olc, cá bhfuaireadar an t-armacas?: an aire agus an cion is dual do thabhairt don óige.

armáil: *b.3.* gléiseanna cogaidh mar gunnaidhe, beaignididhe, púdar etc. Ní maith an cómhartha síothchána na tíortha bheith ag armáil: ag cóiriughadh fé ghléiseannaibh cogaidh. Ní raibh aon cheal armála ar an nGearmáin ar thosnughadh an chogaidh mhóir: gach gléas riachtanach cogaidh.

armálta: *a.* go ngléas cogaidh, go ngléas oibre. "Ní bheam sásta" arsa Musailíní, "go mbí an Iodáil uile armálta nách dóighchín d'aonne í d'ionnsaidhe": úirlisidhe cogaidh do sholáthar don uile dhuine. Tíortha armálta: lán gléis chogaidh.

armtha: *a.* armálta. Ní raibh agam ach mo dhóirne loma i gcoinnibh fir armtha: go raibh scian nó úirlis éigin aige.

armuighim: *b.a.* gléasaim chun troda, cóirighim, luibhrighim. "Má armuightí" ars an Almáin, "armócham-ne": má chuirtí cóir chogaidh oraibh féin cuirfeam-ne. Seachain tú féin ar an rón, armuigh tú féin sara dtéidhir n-a ghoire: bíodh rud éigin agat, iarann nó maide chun a bhuailte nó chun do chosana féin air. D'armuigheadar iad féin fé phícidhibh, shluaistibh, chlochaibh etc.

armuighthe: *a.* armtha, cóirighthe, gléasta chun catha.

arrachtach: *f.1.* seanduine críon, caithte, lom, scáinte; truth, fuadh, taidhbhse; samhladha. Chuir cuma an arrachtaigh bhí air scannradh saoghalta orm – gráindeamhail, míochúmtha: neamhshaoghalta. Tugann na ruic atá n-a chneas clódh an arrachtaigh air: cuma an-aosta. Chaith an mhuir arrachtach isteach ar an dtráigh ná feacthas a lithéid lé toirt agus lé gráinde: ainmhidhe mór an-aithnid. Go dtín lá atá indiu ann ní fhéadfainn a dhéanamh amach cad a bhí ann, arrachtach éigin úrghránda gan chlódh, gan chuma:

samhladha toirteamhail nár chósamhail le h-aon nidh ar m'aitheantas. "An t-arrachtach sean" – ainm amhráin díomholta.

arrachtach: *a.* cómhachtach, léidmheach, foirtil, lánchumasach. Bhuail an míol mór an long le buile arrachtach dá earball agus chrith sé ó shnaidhmin go fosta, a h-adhmadaidhe: iarracht léidmheach. B'arrachtach an fear a dhírigheadh idir a lámhaibh cruite capall: ní raibh teóra lé n-a neart. Tugann an ghealach cuma arrachtach ar na h-oileánaibh in uaigneas na h-oidhche: mar bheadh samhladha. An bhfeacaís cuma an arrachtaigh ar aon nidh riamh mar atá ar Inis Tuaisceart: cuma ainmhidhe móir mara.

arrachtaidhe: *f.4.* duine fáin, duine go mbíonn cuma (deallramh) fhiadhain, neamhmhuinnteardha air, gan bearradh, gan nighe, gan glanadh dho, n-a chómhnaidhe sa bhothán salach san 'n-a arrachtaidhe aindeis: fiadhain, míochuibheasach. Sa drochshaoghal d'imigheadh na daoine ocracha n-a n-arrachtaidhibh ar fuaid na dúthaighe ag lorg: daoine fáin gan puinn den éadach ortha. Arrachtaidhe fir seadh é nár mhaith liom puinn bainte do bheith agam leis: fear fíochda agus deallramh daibhceach air.

"arsa": dubhairt, mar déarfadh. "Dá mbeadh sé gan imirt", arsa tusa, "ní chaillfeadh sé". "An té go mbeadh ciall aige", arsa tusa, "ní chaithfeadh sé a chuid go h-ait": mar déarfá.

ársach: *f.1.* seanduine an-aosta. Sé an truagh na h-ársaigh go léir sa chré: na sean-seandaoine. Ní h-obair ársaigh ualaighe troma d'iomchair: obair fir árd-aosta. Mara mbeadh é bheith n-a ársach ní leigfeadh sé a bhuille lé h-aonne: n-a sheanduine an-aosta.

ársa: *a.* an-aosta, ag baint leis an seanreacht, athlaoch; ionomóis, oirmhidneach. Is ársa na clocháin atá i gCorca Dhuibhne, níl cúntas ar am a dtógála: an-aosta. Ní thuigim an tsean-Ghaedhilg sin ar fad, tá sí ró-ársa dom: rósheanda, is fada an tréimhse ó bhí sí so-thuigse. Cómhartha gur tógáil ársa Teampall Ghallarais gan mairtéal do bheith ann: gur fada an lá ó tógadh é. Thug an folt san fhéasóg gheal, ghléigeal deallramh ársa air: deallramh ionomóis.

ársanta: *a.* seanda; caithte, críona. Chaitheadh sé casóg bhréide ársanta a bhí sa tigh ó aimsir a sheanathar: seal fada í ann. Adhmad coille an ceann a bhí ar an seanthigh againn, chuirfeadh san i gcuimhne dhuit go raibh sé ársanta: sean. Chúig bhliadhna atá an chulaith seo agam, ró-ársanta dhi: ró-aosta, ró-chaithte.

artha: *b.4.* draoidheacht, geas, briocht, easarlaidheacht, breachtradh, aon rud go gcreidtear go mbíonn cómhacht dhoilbhthe nó fholuighthe ag baint leis: rud éigin go mbíonn cumas dochoiscthe aige chun taithneamh do chur orainn. Artha na fola: paidear a deirtear chun iomad fola do chosc. Artha na fiacaile: artha an dídin: paidreacha oireamhnacha chun tinnis do leigheas. Nuair chídhtear duine ag buadhachtaint ar chártaidhibh deirtear, "tá artha éigin aige": cómhacht éigin ná fuil ag aonne eile. Trí h-uaire n-a bhaintreabhaigh do gur phós an ceathramha h-uair, tá artha na mban aige: cómhacht éigin dothuigse chun iad do tharang nó do shughadh. Chuir an tseanbhean artha na péiste don mbeithidheach: dubhairt sí focail éigin i bhfoirm paidreach agus rinne easarlaidheacht éigin ar an mbeithidheach chun a leighis.

árthach: *f.1.* aon tsaghas luinge, aon tsaghas áruis. Árthach seóil: long seóil. Ní raibh árthach ar an gcornchlár nár briseadh: árus, cupa, bolla, pláta, crúsca, crúiscín, etc. Árthach maol ag gluaiseacht gan gaoth gan gal: árthach gan chrann, gan seól: árthach (long) sidhe (árthach). Cuirtear árthaighe na béile ar an mbórd: na h-áraistidhe atá ag teasdáil n-a chomhair. Árthach pínt seadh é sin: árus go raigheadh piúnt leanna ann.

árus: *f.1.* áit chómhnaidhthe, aon tsaghas luinge nó báid, gnáthóg, áit lonnuighthe, teach. Árus maith intseólta seadh an nadhbhóg san: currach nó bád maith. An bhfuil aon árus agat chun an choirce seo ach mias? mórán, soitheach, callán beirte, corcán tuallán nó a lithéid eile chun leanna, uisce, bainne, gráine míne nó plúir etc. do chongbháil. Árus beag atá againn ach deineann gnóth na beirte againn: tigh beag. Rapach daingean, doimhin, cas, árus an choinín: uachais. "Líontar suas na h-áraistidhe airís" arsa Eoghan Criomhthain: na gloinidhe nó a lithéididhe. Cuir an bhó cúram áruis an ghamhna dhi: an scanán a bhíos tímcheall an ghamhna i mbroin na bó.

as: *réamhfhocal* de bhrigh, de chumas, de thoradh. Bain as do ghéagaibh (chosaibh, ghuailnibh, dhrom, mheabhair chinn) é: lé neart do ghéag a éireóchaidh leat gníomh do dhéanamh: le lúth do chos: cumas do ghualann: neart do dhroma: lé feabhas d'inncheann. As do ghéagaibh etc. é: gníomh iongtach déanta (nó tá rómhat do dhéanamh) de thoradh do ghéag etc. Bain as an sac (ngloine, mbuidéal, aon tsaghas áruis): tóg cuid as: bain slogadh as an mbuidéal, móin (mine, coirce etc.) as an sac. Bain cloch as an gclaidhe, ruibe as do cheann, púnt as an airgead etc.: tóg mar a mbíonn duadh ag dul leis. Bain mianach (gual, ór, airgead etc.) as an dtalamh: tóg lé gníomh. Bain barraidhe (cruithneacht, coirce, seagal, eórna etc.) as an dtalamh. Bain an eochair as an nglas, an chos as an dtuaigh, an chos as an bpíp, an fhuinneóg as an bhfalla, an tsúil as do cheann, an inchinn as do chloigeann, an sughlach as an gcrann, an dath as an éadach, an t-anam as a chroidhe, an radharc as a shúil, an nimh as an scéal (an uisce), toradh as an dtalamh, ceól as an airgead (é do chaitheamh go rabairneach, neamhaireach). Sin púnt agat mar airgead póca agus bain seachtmhain as, sin a bhfaighir: deineadh an púnt san go ceann seachtmhaine tu. Ar thosnughadh don stailc ghuail dubhairt na ceannaidhthe ná raibh oiread i dtaisce aca agus bhainfeadh seachtmhain as don gcathair: go mbeadh a dheireadh imighthe roim dheireadh na seachtmhaine. Budh mhaith an feighre bróg iad san, bhaineas dhá bhliadhain asta: bhíodar dhá chaitheamh agam an eaga san sara rabhadar gan tuilleadh áise. "Connus tá do shláinte, a Shéamais?" - "ag baint lae as": d'iarraidh maireachtana chómh maith agus is féidir liom. Drochaimsir dhuibheaca mhíoshláinteamhail seadh í ach beimíd ag baint lae as feasda: beidh an aimsir mhaith ag druideamhaint linn an uile lá as so amach. Chaitheadar (na bleachtairidhe) an oidhche fhada dhíreach ghá cheistiughadh agus ghá phionósughadh ach níor bhaineadar faic as tá sé chómh calctha san: má bhí rún aige, níor scéidh sé, ní bhfuaireadar screatal eolais uaidh. Nár bhainir lá dá thairbhe as an dtalamh do channtálais: an talamh do ghnóthuighis le feall nár ngné sé pioc maitheasa duit. Suidhimís san aoibhneas so, bainimís uair an chluig as: caithimís an seal san ghár n-aoibhneas féin. Bainfir as an saoghal ach aire do thabhairt duit féin: mairfir tamall fada, beidh sláinte agus beatha mhaith agat. Ag dul cois na farraige, ag dul ar chruinnighthibh, ar ráiseannaibh, ag gabháil tímcheall mar is toil leis, is é a bhaineann an aimsir as go maith: go mbíonn an saoghal breágh, subháilceach

aige. Mo thuairm go mbainfeadh turus as Áth Cliath ar mo shlighe go Sasana dom: go dtabharfad cuaird air. Tabhair dom an páipéar san go mbainead féachaint as an nuadhacht: go ndearcad ar etc. A Cháit, bain amharc as an dteine d'fhéachaint an bhfuil sí ag cnádughadh: fic í. Dhúisigheas i lár na h-oidhche agus bhaineas radharc as an spéir d'fhéachaint connus bhí sí ag cothughadh: d'fhéachas uirthe chun eolais d'fhagháil. Níl aon Éireannach nár cheart do radharc do bhaint as Teamhair: dul agus é d'fheicsint. Ná cailleadh do mhisneach ort, má theip féin ort, bain iarracht eile as: tabhair fé airís. Dá mbein ag baint castadhacha as chrampa an ghluaisteáin go gcuireadh Dia fios orm ní fhéadfainn aon bhogadh do bhaint as: ghá chasadh le duadh. Dá gcloisteá an bhóchna oidhche fhiadhain gheimhridh ag baint dúiseachta as na faillteachaibh: glór de dhruim nirt na farraige. Má tá meas fir agat ort féin, bain tásdáil asat féin: féach do neart. Mar is toil leat, bain nó ná bain béile as an ngeannc árain seo, an meall ime, an t-ubh agus an té: déin béile sásta dhe. A chéardaidhe, an bhféadfá ábhar búird do bhaint as an adhmad so? d'fhagháil as lé feabhas do chéirde. Sa mhonchra san baintear leasughadh as cnámhaibh seanchapall: gheibhtear é trí iondrabháil áirighthe. Níor h-innseadh riamh dom connus baintear geas as ghual: connus gheibhtear é le h-iondrabháil áirighthe. Is fada airís go mbainfead-sa turus as Áth Cliath mar baintear an iomad as gach aon rud díot: mar gheall ar. Cad baineadh as na brógaibh sin díot: cad chosain siad? Labhrann sé go balbh san ná bainim aon bhrigh as a chuid chainnte: ní bhfaighim éifeacht leis. Is fada gur baineadh aon fheidhm as an muillean san, tá sé díomhaoin lém chuimhne: áis, maitheas. SeanGhaedhilg seadh í sin, ní fhéadaim aon adhmad do bhaint aiste: brigh d'fhagháil léi. Is mór é a eolas ar an aimsir baineann sé éifeacht as ghluaiseacht na n-éan: tuigeann sé cad bhíonn lé teacht de dhruim stuidéir ar ghluaiseacht na n-éan. Cad é an chiall (tuigsint, éifeacht, brigh, bunadhas, etc.) do bhainir as an oiread saighdiúiridhe do bhailiughadh isteach 'on chathair Domhnach Cásca: an féidir leat a innsint an fáth atá leis? Ar son Dé má droichscéal agat, ná bain preab asam leis: geit: ná suaidh me leis. Cad bhain ionfairt as an roth so go bhfuil sí ar bogadh? a shuaidh í go mór. Bhris na dubhchrónaigh an tigh as a chéile: do rinneadar cill tuathail de. Baineann an fharraige béic as an gcarraig: cuireann uirthe béiceadh. Chuir an madra béic as nuair buaileadh é: scread sé. Bhain an buile cnead asam: dheineas glór dhuaibhseamhail leis an mbuile. Baineann sé osnadh asat bheith ag cuimhneamh ar an ndeaghshaoghal do bhíodh agat: anál ghearr dhoimhin do theacht uait lé brón. Caithfear an rothar so do bhaint as a chéile, tá rud éigin ar míghléas: na máilidhe do scaradh le chéile. An féidir leat Seachtmhain na Cásca do chur as a chéile dom? an féidir leat imtheachta agus teangmhála an ama san d'innsint nó do ríomh in órd cheart i ndiaidh a chéile mar thárluigheadar. Cuir na madraidhe cómhraic sin as a chéile: scar iad. Cuir an scéal as (tóin) a chéile dhom: cuir lé chéile dhom scéal (go bhfuil breac-eólas neamhchruinn agam air). Déin as a chéile an obair seo ar eagla gur bhfaillighe moill: gan stad di. Strac an cat an franncach as a chéile: dhein coda dhe. Bí aireach, fiafruigh as a chéile dhe, cad chuala sé idir an fear marbh agus an té atá cúisighthe: uidh ar n-uidh: n-a chuid a's n-a chuid. Nuair chonnaic na leanbhaidhe an cleasaidhe ag cur chumaidhe air féin do gháireadar as a chéile: duine ar dhuine. Dá bhfaighinn obair as a chéile, dá luighead é an tuarasdal níor ghearánta dhom: obair gan sos innte. Léigh an dán i gceart as a chéile: gan briseadh. D'órduigh an dochtúir duit an t-oideas so d'ól as a chéile: in aon digh amháin. D'iarraidh na dtéad, a bhí in achrann ar slataibh, do réidhteach as a chéile bhí an máirnéalach nuair thuit sé i bpoll. "Mara dtugair gach síntiús as a chéile dot fhiachach 'on phríosún leat", ars an giúistís: mar bhíonn sé dleacht dréir na

breithe. Cuirfir as a chéile an bheirt fhear san mara stadair dá ngríosadh: ag troid. Dream clamparach do shíor as a chéile: in earrad lé chéile. Tóg aghaidh do chaoraidheachta dhíom-sa, ná bí i gcómhnaidhe asam-sa: ag déanamh duaidh dom, ag lorg orm. Táir traochta 'ged chlainn, a bhean bhocht, i gcómhnaidhe asat, gan stad id dhiaidh, ag lorg a's ghod bhodhradh. Níl pingin as mo sheachtmhain oibre agam: chaitheas ar thuilleas. Fág an dá scéal as a chéile: in aon eachtra amháin. Eirighimís as a chéile, ní réidhteóchaimís choidhche: stadaimís den aighneas. Scar an long as a chéile nuair bhuail sí: dhein blodhtacha dhi. Dhá lá as a chéile chaith sí ag gol ar uaigh fir: gan fágaint. Níl asam aige tréis na h-aimsire do chaith sé d'iarraidh airgid do mhealladh uaim, ach m'eiteach: dem bhárr aige. Tá deatach alluis asat lé strus oibre: ag eirghe (asat). Chuir chughat an criosúir sin as do phóca: atá ag silleadh as. Tá othar as an gcneadh: ag teacht amach aiste. An boladh lobhadh san as an dtrufais: ag eirghe (as). Taidhbhsigheann an chulaith mós beag duit, ach tiocfaidh as an éadach: leathanóchaidh sé amach. Tháinig as an dtéid leis an aimsir: is sia anois í ná nuair tosnuigheadh ar áis do bhaint aiste. Tagann as iarann leis an dteas: téidheann sé i méid. Níl teacht as an mbás ag aonne: níl aon éalódh uaidh ag neach. Má cuirtear poll i lamhnán tiofaidh as: éalóchaidh an ghaoth amach. Tiocfaidh achrann as bhur gconnstrabháil: sé deireadh a bhéas ar bhur n-aighneas troid. Tháinig cogadh cheithre mbliadhan as mharbhadh an árdDhiúic: b'é a thoradh é. Ná bíodh eagla ort go dtiocfaidh gaoth as an scamall san. Is minic go dtagann cleamhnas as achrann. Chuireas poll sa tsoitheach ach níl ag teacht as: níl ag silleadh. "Níl meas fir agam ort" – "níl meas madra agam-sa ort-sa" - as san tiocthas dóibh gur bhuaileadar a chéile: gach re seadh easmailteach aca go dtí gur throideadar. Cad dob fhiú bliadhain phríosúin as dhuine do mharbhadh, is maith tháinig sé as: mar gheall ar: scar sé go maith leis. Tagann as rubar nuair tairringtear é: síneann sé. Thug sé as a raibh ann, ag obair go dian d'iarraidh a chlainne do chothughadh: níor choigil sé a chuid nirt. Ná creid focal de uaidh, as a thaidhbhreamh do thug sé é: teadh nó smaoineamh ait éigin do buaileadh n-a cheann. Is minic thugadh na seandaoine an oidhche as ag seanchaidheacht: caithidís an oidhche ar fad. Tabharfaidh an falla san as a bhun mara gcuirtear teannta leis: scéidhfidh sé, tuitfidh sé. Níor thug an capall oiread is órdlach as a cheann dá mhéid tarrang (tarrac) do fuair sé: níor ghéill. Beidh ag imtheacht asat mara gcothuighir tu féin níos fearr: ag dul i luime. D'imthigh as airgead dom agus stad an rí-rá: chuaidh sé i ndísc. Nách mór mar táir imthighthe as lé bliadhain: dulta chun deireadh. D'imthigh as an loch, an lamhnán: thrághadar. D'imthigh as an dtéid: níor fhan sí teann. Imtheóchaidh as an gcorcán san: sillfidh sé. Thuiteas ar bhior mo chinn agus d'imthigh an mheabhair as mo cheann: chuaidh m'aithne amugha orm. D'imthigh as mo chuimhne gur cheart dom scríobh indé, tá déidheanach indiu: dhearmhadas é. Seachain tú féin ar an gcarraig shleamhain sin nó imtheóchair as do chosaibh: straoillfir. Imtheóchaidh an tigh as a cheann: bainfidh rud éigin (gaoth etc.) an ceann de. Leis an scannradh rug air d'imthigh sé as a cheann: chuaidh sé le báine. Cad tá ag cur as duit ná fuilir ag teacht? ag teacht treasna ort: ghod chosc. Ná feiceann tu me ag scríobh, ná cuir as dom: ná bí ag cur isteach orm. Cuir as an airgead so, tá dhá scilling in easnamh ort: slánuigh an t-airgead. Cuireadh as an scéal, ní mar sin do thárla in ao'chor: breisigheadh é. Cuir srian as an gcapall: cuir srian air. Cuir iall as an madra, a thuilleadh as an gcainnt, téad as an bpota (gleamach), sreang as an sparán, córda as an eochair: ceangail díobh. Scaothaire gan focal den bhfírinne a bhíos ag cur as a chéile: ag cumadóireacht. Ní h-ag cur as do bheidhfeá? ag teanntughadh leis nó ag teannadh. Dá mbeidhfeá ag cur asat go dtuitfeadh an tón asat ní thabharfainn tor madra

ort: dá mbeidhfeá ag gearán, ag lochtughadh, ag bagairt etc., ní chorrófá me. Éist! ná bí ag cur ghaoithe asat: ag ráiméis. Ní bhein ag éisteacht leis an alfraits ag cur éitigh as: ag innsint gan stad. Obair seadh órdlaidheacht (úrdlaidheacht) a chuirfeadh allus asat: allus tríot amach. Mo mhuinghin asat, a bhuachaill, go mbeir dílis dod ghnóth: ionat go láidir. M'iontaoibh asat riamh: ní theipfeá go deo orm. Ná tóg aon cheann den saoiste seanbhéas aige bheith ag cur as: ag cur a ionaid in iúil. An ghrian, an ghealach, ag cur aiste: ag lonnradh go láidir. Theastuigh uaidh bheith im chuideachtain ach chuireas amach as mo chroiceann é: chuireas díom é: níor ghabhas leis. An ghabháil nósmhar a bhí uirthe do chuir as m'aithne í, mar ná bíodh uirthe ach na giobail: do chuir amugha me. Cuir as radharc na ngárdaidhe an gunna san: foluigh é. Róluath sa bhliadhain fós dos na crannaibh do bheith ag cur asta: ag péacadh. Cuireann an tarbh búirth as, an bhó géim aiste, an chaora méithleach aiste, an capall siotrach, caithleach, an madra sceamh (uaill, amhastarach), an duine glam, glaodh, béic, scread, osnadh, cnead, gáire, casachtach as, an abha glór aiste, an ghaoth torann, fuaim, an fharraige fuaim, dórd, béic aiste, an bháisteach clagairt aiste, an ghrian teas, solas, cosa, gathaidhe aiste, an ghealach solas a's gealas aiste, an chearc glágarnach aiste, an lacha fionaoil, an ghé gogalach aiste, an t-éan (beag) treithear as, (mór) éigheamh as (fiolar, fiach dubh), an fhaoileann agus éanlaithe mara scréach(ghal) asta. Cas as an áit bhog sin no raghair ar lár: fill ar ais. Cas as an solas, tá sé ró-ard: ísligh é. Duine neamheaglach ná casfadh as aon nidh dob eadh Cathal Brugha: ná tréigfeadh lé linn conntabhartha. Cromaimís as an obair anois, tá cuid mhaith déanta againn: tugaimís suas í. Ar an dara casadh ag an gcoin as an ngirrfhiadh rug sí air: ar n-a chur air iompódh i leathtaoibh an dara h-uair. Ná cas as an ráfla atá ar siubhal mar gheall ort liom-sa é: ná tagair domhsa é. Is fada cómhnaidhe air as an áit seo: tá sé n-a chómhnaidhe achar fada ón áit seo, nó ní raibh sé ag cur fé annso lé fada. Cómhnuigh as an áit seo má tá cion ar t'anam agat: ná lonnuigh annso. Cruthuigh as an gcómhrádh a bhí eadraibh dom gur gheall sé a chabhair: de dhruim an chomhráidh. Labhras asam féin ar an gcruinniughadh: gan aonne ghom spriogadh. Scrígh sé go dtín riaghaltas as féin dom: gan aonne ghá iarraidh air. Asat féin is fearr tu: is mó dhéanfá gan luathughadh 'ná cómhairleach 'ná iarratas ó neach eile. Ní h-aiste féin riamh do tháinig sí chun cainnte leat: ach de chionn tafanta nó chómhairligh iasachta. Ná bíodh sé ghá shéanadh anois, chuala as a bhéal féin é: é féin féin d'inns dom é. As a theódhacht is fearr itheadh an bhídh: le linn do bheith te. As a fhuaire is fearr uisce lé n-ól: ar mbeith fuar do. As a ísle níor glacadh sa Ghárda é: toisc go raibh sé ró-íseal dréir riaghlach. As bhreághthacht na mara chuadhas ag rámhaidheacht: toisc go raibh. As a breághthacht do thuit sé i ngrádh léi: mar gheall air. As a mhacántacht do toghadh é chun an airgid do choimeád. As úire is fearr iasc. As dhoimhneacht na farraige do scannruigheas. Seasaimh asam-sa is cuma cad thárlóchaidh duit, bead ag tacaidheacht leat: bíodh muinghin agat. Seasaimh as san uaim: fág mo bhealach. Seasóchad as a n-abraim: ní raghaid n-a chois. Ní mór ná gur thuiteas as mo sheasamh le laigidheacht: thuiteas mar a raibh agam go h-oban. Ná leig aonne as, díoladh an uile dhuine aca: do leigeant saor. Sin cneadh aibidh, leig aiste: leig don mbraon teacht. Ná leig an choinneal, an teine, an lasán as: coimeád ar lasadh. Leig an t-uisce as an gcalán: scaoil amach é. Corcán gan mhaith ag leigeant as: ag cailleamhaint an leanna. D'iarras an iomad as an ngluaisteán air agus níor cheannuigh sé é: iomad airgid. Cad tá as san uait? cad ar go ndíolfá é sin? Cad bhíonn dhá iarraidh as ím anois? cad luach an ime. Bliadhain ó scríobhas gan freagra as: d'fhaghail. Má bhím ar tosach féin ná liughadh aonne agaibh asam: ná liughadh aonne lé lúthgháir. Cad as go mbíonn tú ag

múineadh? cad í an teanga a bhíos in áis agat? B'éigean do labhairt as Gaedhilg nuair bhí an Béarla ag teacht crosta air: Gaedhilg do labhairt. Luigh an ghaoth as an mbáistigh: de dhruim na báistighe. Ná lochtuigh ar fad me as aon dearmhad amháin: mar gheall air. Imir as an gcárta san anois má fhéadair: buail é má tá agat: déin do dhícheall air. Bheadh breis mheasa aige as féin dá n-éirigheadh leis: bheadh breis mhór-dhála air agus theasbáinfeadh sé é. Cé thabharfadh aon rud tábhachtach do, fear gan iontaoibh as mar é: duine ná seasóchadh aonne. An bhfuil náire ort as san? mar gheall ar rud mícheart éigin. Is iontuigthe as an éadach lae shaoire seo ort go bhfuilir ag dul as baile: thiocfadh duine ar an inntin sin. D'aithnigheas an garsún as a athair cé ná feaca riamh go dtí san: a dheallramhtaighe lé n-a chéile bhí an bheirt do chuir im aigne an t-athair. Tá sé ag dul amach as a chroiceann: ag pléascadh nách mór lé cothughadh. Ag dul amach as a chroiceann lé teasbach ataoi: ag brúchtghail lé mire a's lé fonn. Is mór mar táir dulta as aithne na ndaoine, ní feictear choidhche anois tu, ní labhrair le h-aonne: tá coimhtheas leis na daoinibh tagtha ort. Nách tú atá ag fás? táir ag imtheacht as m'aithne: ag dul ó aithint. Raighead as aithne na ndaoine: tréigfead a gcómhluadar, séanfad iad nó tiocfaidh athrughadh mór orm. Chuaidh an fear bocht as de cheal a choda féin: toisc gan an biadh ceart d'fhagháil: tháinig luime air. Sí an chroch a dhán ó daoradh é, níl aon dul as aige: ní éalóchaidh sé. Ná beir as go bhfuil aon eagla agam-sa romhat: ná tuigtear duit. Ar a luighead adhbhair teineadh atá againn táimid ag breith as go maith: tá ag éirghe linn go maith. An scéal atá cloiste agat ná beir as so é ar do chluais: ná hinnis d'aonne eile é. B'fhéidir go dtéarnóchadh sé, tá sé ag breith as d'aindeóin go h-aon nidh: ag maireachtaint. Ó chasadar ar an gcúrsa abhaile bhí an capall ciar ag breith as: ag fágaint na coda eile n-a dhiaidh. Tá an girrfhiadh ag breith as ar (ón) gcoin: ag cur breis shlighe eatartha. As san dóibh ag trácht ar ubhallúird an tighearna gur bheartuigheadar ar fhoghail do dhéanamh uirthe: ó charbhall go carbhall. As so amach beidh malairt scéil againn: feasda. As go bráth leis an gcapall nuair bhris an tsrian: d'imthigh sé gan cosc. As go bráth liom nuair chuala go rabhthas ar mo thóir: seo liom go luath, láidir. Rinne sé as a stuaim féin an leabhar do chur as a chéile: trí n-a inchinn féin féin. As a stuaim féin do bhain sé an cheárd atá aige: níor mhúin aonne dho an t-eolas atá aige: aon rud atá aige is féidir leis do mhaoidheamh gurb as a ghustal féin é. Feabhas as a raibh ann d'fhearaibh chuir sí tuaith ann: seachas na coda eile go léir thaithnigh sé léi. Níl mórán as fheirmeóireacht fé láthair: dá bhárr. Cad as go ndéarfá gur bh'fhearr d'fhile Aodhagán Ó Rathaille 'ná Piaras Firtéar? cad é an fáth atá agat leis? Ná bí ag gearán as do chois, an diall faic uirthe: go bhfuil faic uirthe. Bír ag gearán asam-sa an uile lá: ag cur milleáin nó cúise orm. Fuair na h-éanlaithe bás as an sioc: de dhruim an tseaca. An fada táir as an leabhar san? ag gabháil de (ghá staidéar, ghá scríobh). Ná bíodh eagla ort ná go n-éireóchaidh leis, bíonn sé as rud éigin i gcómhnaidhe: ag gabháil de ghnóth éigin chun a thairbhe. As an bhfeirg atá air déanfaidh sé cuirp: dréir an uilc atá air déanfaidh brus, díobháil, scrios. Ith an t-iasc as a cheann: tosnuigh ag an gceann. Daingnigh an doras as a íochtar. Iadhaidh do chasóg as a h-uachtar. Tarraing an fhiacal as a bun. As an ndoicheall a chómharthuigheas air tuigeadh dom nár thaithnigheas leis: de chionn. Thug sé an oiread cainnte dhom go rabhas dall as aige: chuir mearbhall cinn orm. Cad é an tátall bhainir as an alt so ghod mholadh: cad is dóigh leat gur scríobhadh é. As a ceann do crúidhtear an bhó: dréir an fhaghál tais do gheibheann sí seadh thugann sí bainne. As dhíol a's ceann do dhéin sé a shaidhbhreas: de bhárr etc. Ní nár duit maoidheamh as do chlainn, is iad an chlann mhaith iad: maoidheamh dá ndruim, mar gheall ortha. "Taobhán teann tarraing as,

ní bheimíd ann ach ó Shamhain amach" (seanfhocal): tigh láidir (saidhbhir) é caithidh libh. Sin é mo sparán! tarraing as: ná bíodh truagh agat do. As an lathaigh duit! duine suarach tusa. As an mbochtanacht do fáisceadh thu: ní raibh faic eile agat acht í. Connus tá do shláinte? – ann as: cuibheasach. Ná tabhair cluas don bhfear san – cómhairle as do thabharfadh sé dhuit: tuath-chómhairle, cómhairle chlé, droch-chómhairle. As thalamh an domhain ní aithneóchainn thu, d'athruighis an oiread san: choidhche ní aithneóchainn tu. "As do dhrom thiar é", ars an fear leis an té a bhí ag iomchar ualaigh thruim: le neart do dhroma. "As do ghoile é", ag bagairt ar dhuine an fhírinne d'innsint. Baisteadh Dómhnall as a sheanathair air: Dómhnall ainm na beirte aca. Buail as san, a mhadra: fág an tslighe. Éirigh as! stad! staon! Eirighidh as bhur gcuid cainnte bídh ag obair: stadaidh. Cad h-éiligheadh as na brógaibh ort? cad é an luach a h-iarradh n-a dtaobh? Nigh do chosa as an sáile: sa tsáile.

asair: *b.5.* tuighe bhuailte, leapachas d'eadáil, fás cnuic (bainte) mar aiteann, craobh, fionán etc. Cuir asair ghlan fés na buaibh: tuighe nó leapachas mar é. Bain beart asrach lé cur fén gcapall: leabaidh déanta d'fhéar gharbh thirim nó a lithéid eile. Rinne na h-ainmhidhthe asair den gcoirce: laiteadar é. Bhí an seómra n-a chosair-asair ag na leanbhaidhibh: gach aon rud curtha trí chéile aca. Ní leigfinn d'aonne bheith ag déanamh asrach díom: ag gabháil lastuas díom: ag siubhal orm. Cuirtear asair ar tháthán ag cruadhadh dho ón mbáistigh: tuighe chun a chosanta. A raibh d'asair ar an sráid tréis na gaoithe: páipéir, seancheirteacha a's rudaidhe.

ásc: *f.1.* áit, corruighe. Ar an gcéad ásc, níl an oileamhaint cheart uirthe chun bheith n-a mnaoi chabhartha: an chéad dul síos. Sé an chéad ásc do rinneas nuair chuala an bitheamhnach, an solas do lasadh: an chéad chorruighe.

ascarnach: *f.1.* aimhréidhe, dul trí chéile, achrann. Chuaidh an doradha in ascarnach ar an ndroichiascaire: chas sé ar a chéile go doiréidhtighthe. Sa doircheadas bhí mo chuid éadaighe n-a n-ascarnach orm: ní fhéadfainn iad d'fhagháil fém lámhaibh.

ascartach: *f.1.* bunach neamhmín; féar garbh righin; fóid righin mhóna; duine righin, doghluaiste. Ní maith an bheata do chapall an t-ascartach féir sin: féar garbh, fada, domblasta. Nuair ghabhann an t-ascartach móna úd aon tsaghas fliucháin is fada ó theine í: móin shnáithíneach, righin gan oíle. Ná bí ag brath ar an ascartach san chun aon chabhartha do thabhairt duit: duine gan spirid, gan aon teacht aniar ann. Ná bainfeá anam éigin as do ghéagaibh, a ascartaigh: a dhuine righin, mhaill. Chaith sé an lá ag ól ar an gcuideachtain n-a ascartach bhalbh: níor iarr sé ar aonne an raibh béal air.

ascnamh: *f.1.* dul ar aghaidh; dul suas nó anáirde. Chaitheamair an lá ag ascnamh an chnuic: ag dul i gcoinnibh an chnuic. Chuir ascnamh na dúthaighe iongnadh air, bhí obair a's gnóth i ngach áit, rud ná raibh nuair fhág sé Éire: dul ar aghaidh.

asna: *f.4.* ceann des na cnámhaibh casa a fhásas as fleasc an droma. Bainfead-sa as na heasnadhachaibh agat é: oibreóchad-sa tu: sara mbím críochnuighthe leat beidh a fhios agat cé tá istigh leat. Rámhaidheacht a bhainfeadh as na heasnadhachaibh agat é: a thásdálfadh do neart ag bualadh an asail go neamhthrócaireach treasna na n-asnadhach le

cleith. “Nách ceanamhail ataoi ar an ngarsún san?” – “ní h-iongnadh; ní fada ón asna (agam) é” – mo ghaol leis. Is olc chuaidh an taom breoidhteachta san duit, níl ionat ach na heasnadhacha (tá na heasnadhacha ag polladh an chroicinn agat): an-lom ar fad. “M’asnadhacha!” ars an fear agus iongnadh nó fearg air. Níl puinn ar an asna aige: caithte, lom. Tá na h-asnadhacha tríd: an-lom, bocht: seirgthe. Long go n-asnadhachaibh láidre seadh í: na h-adhmadaidhe nó na cearchailidhe cas iarainn ón gcille aníos fé bholg na luinge agus suas ar a cliathánaibh. Bhuail pian diallta fén gcor-asna é: ceann des na h-asnadhachaibh is ísle. Brisfead t’asnadhacha: goirteóchad tu. Níl aon asna eile linn annso: níl aonne eile go bhfuil gaol againn leis. Fear gan (aon) asna seadh é: fear go mbíonn na h-asnadhacha chómh dlúth san ar a chéile ná brathfá an deighilt (fear an-láidir). Níl asna n-a chorp ná fuil tinn: anthinn dá chreat ar fad. “M’asnadhacha (t’asnadhacha) ’on diall”, deir duine nuair bhíonn fearg air. M’asnadhacha gur bhuaidh sé an cluiche: dar fia etc.

astránach: *f.1.* taisdealaidhe, fánaidhe. I gcoim oidhche bhuail astránach isteach chúcha nár aithne é: gluaisteánaidhe. Astránach seadh me atá cortha, tnáidhte ón mbóthar: taisdealaidhe faid triallta. It astránach do chaithis do shaoghal, a dhuine bhoicht, ag imtheacht ó bhall ball. Ná géill go gclaoidhfeadh astránach mar é le h-áit iargcúlta: duine fáin. Astránaigh seadh sliocht Chobhthaigh: tuinncéiridhe a bhíos ag síor-ghluaiseacht gan lonnughadh fada in áit ar bith ortha.

at: *f.1.* méadughadh, bolgadh, borradh, éirghe, suail (mara). Tháinig at im phluc ag an dtinneas fiacaile: d’éirigh sé amach, do bhorr sé. Ní maith an cómhartha liom at do bheith n-a bhléin: é do mhéadughadh go míochuibheasach. Cuirfidh iomad bídh at ionat: beidh méid thar ceart ionat. Tiocfaidh at sa bhallóig le teas: árdughadh, éirghe. Níor imthigh an t-at as an bhfarraige fós tréis na gaoithe: an borradh, an t-éirghe, an bogadh. An ó áirneán atá an t-at id shúilibh? an séideadh.

áth: *b.3.* féitheamhantacht, féith bhog i mianach duine; an áit in abhainn gur féidir dul treasna de chois; an fharraige mhór (go minic). Mórán daoine mholann é lé n-a fheabhas i mbun siopa, níl san lé rádh agam-sa, ní bhfuaireas áth ná ealadha riamh air: níor theasbáin sé pioc dá mhaitheas dom. Tásdáil féin é, b’fhéidir ná diúltóchadh sé dhuit-se, ní bhfuaireas-sa aon áth air: aon chao, aon tso-chroidheacht. Uaireannta bíonn sé dian ar a lucht oibre ach ní deacair áth d’fhagháil air dá mbeadh taithighe agat air: buige, géilleadh dá mbeadh a fhios agat é d’iondrabháil i gceart. Bocht, dealbh anois iad dá mhéid a rachmus seal, d’imthigh a ngustal leis an áth: scaip sé, leighidh sé gan mhaith. Cad é an méid cárt uisce gheibheann an áth ó thuaidh?! leis an sruth nó leis an dtaoide ó thuaidh.

áth: oscailt; béal; scórnach. Chuireas cloch mhór in áth an phuill chun an ainmhidhe fhiadhain do chongbháil gan teacht isteach.

áth: *b.3.* teine aoil. “Tosach átha clocha, deireadh átha loscadh”: tógtar le clochaibh maithe í ach is é a dán a dóghadh sa deireadh.

atha: *b.4.* (**aithe?**) Thug sé náire na h-atha (aithe) dhom: thug sé an oiread san tarcuisne dhom go raibh náire dhearg orm.

atáim: (**tá**) *b.* gheóbhfar an uile chiall atá leis an mbriathar so i bhfochair na réamhfhocal a théidheas leis. N.B. Fic "**tá**".

athair: *f.* (*g.* athar). tuismightheóir fireann; an té a gheineas leanbh, an ainm a tugtar ar an gcéad phearsain den dTríonóid Rónaomhtha; sinnsear fireann; an ceann. Seán dob ainm dom athair, Dómhnall dob ainm dá athair sin, dob é Dómhnall dob é mo shean-athair-se. Phósas cailín darb ainm Máire agus a h-athair-se athair mo chéile. Seán de hÓrdha, dob é m'athair baistighe: an fear a bhí mar cháirdeas báistighe agam, sé sin, an fear a ghaibh air féin go mbeadh freagrach go bhfaighinn teagasc mo chreidimh im óige dhom. An t-Athair Síorraidhe: Dia mór na glóire gan túis gan deireadh. Nuair bhíonn duine ghá choisreagan féin deir, in ainm an Athar, an Mhic, agus an Spioraid Naoimh. An t-Athair uile-chómhachtach: an Dia go bhfuil cumas aige ar an uile rud. Scata breágh cladhaire seadh sibh, ach tusa a n-athair: an té is measa aca, a mhúinfeadh an chuid eile. Na h-Atharacha Naomhtha: Ábratham, Iácób etc. ach "ár n-aithreacha", deirimíd lé n-ár dtuismightheóiridhibh féin. Tá athair an éisc marbh agat: an t-iasc is sinne as an gcineál san.

atharamhail: *a.* ar nós athar. Is atharamhail an mac tu, féach ar do shróin, do shúilibh etc.: deallramh t'athar ort. Labhair leis go h-atharamhail, agus ciúnuigh é: mar labharfadh athair: go deaghchómhairleach; ar son do leasa.

atharcach: *a.* aireach, srianach, cosantach. Bí atharcach ort féin dá mhéid cúis feirge gheibhir: cuir srian leat féin. Bí atharcach i láthair na tarcuisne: foidhhneach. Dá atharcaighe bheidhfeá ní fhéadfá foidhneamh lé n-a chuid cúlchainnte: dá mhéid smachta bheadh agat ar do mhianach.

athardha: *a.* ag dul lé dúthchas, dual, ag baint leis an athair. Aicíd athardha do chuir chun báis é, do bhí an caitheamh (eitinn) i ngach duine dá dtáinig roimis: fuair san bhfuil é. Is beag an grádh athardha atá aige dá chloinn: an grádh is dual (oidhreacht) athar.

atharrach: *f.1.* malairt, rud in ionad, atharrughadh, athchumadh. Stracadh mo chasóg agus b'éigean dom a h-atharrach d'fhaghail: ceann n-a h-ionad. Faigh atharrach na pípe sin, tá sí an-shalach: a malairt (dá malairt). An béal bocht ort i gcómhnaidhe, cathain bheidh atharrach scéil agat? scéal éigin seachas é. Chuaidh sé ar atharrach creidimh le gorta: d'atharruigh sé a chreideamh: d'fhág (thréigh) sé an creideamh a bhí aige.

áthas: *f.1.* bród, aoibhneas, sásamh, lúthgháir. B'fhéidir ná buaidhfinn air ag siubhal ach mo thuairm ná fágfainn aon áthas air: ní bheadh puinn a dtóin a shníghte aige, lé maoidheamh aige. Níl aon áthas agam orm féin tréis m'argóna leis, tá sé ró-chliste dhom: níl meas agam orm féin tríd. Níor itheadar an císte ar fad ach níor fhágadar aon áthas air: is beag d'fhágadar n-a ndiaidh de. Do b'é an fear áthais é nuair chualaidh sé gur bhuaidh sé triocha míle púnt: sásamh agus éirghe aigne air. Tháinig gol lé h-áthas uirthe nuair fhill mac do shíl sí bheith marbh: áthas thar na beartaibh. Bheadh áthas mo chroidhe orm dá ndéinteá rud orm: áthas mór. Scéal áthais aige dhom go raibh mac óg ge n-a mhnaoi: scéal sásamhach. Chuireas ar áthas maith é nuair chuireas in bhur gcuideachtain é, mar sé bhain aoibhneas asaibh: in áit shubháilceach. Is ar an ndroch-áthas do chuaidh sí an lá

phós sí san áit sin: droch-áit. Is beag an t-áthas d'aonne díobháil a charad: ní h-aon tsásamh do é. Bainfead-sa an t-áthas díot sara stadaim: beidh sásamh iomlán agam.

áthasach: [**áthasamhail, áthastamhail**] *a.* bródmhar, lúthgháireach, sólásach, ríméadach, subhach, gáirdeach. Cé h-é b'áthasaighe 'ná mise nuair chuala go bhfuair an té go rabhas ag obair ar a shon an bheart? budh mhó gáirdeachas. An-áthasach budh cheart duit do bheith, teacht saor agus gan bheith cnáimhseánach gur chaillis do bhád: solásach. Cad is áthasaighe ná ceól aoibhin? is mó chuirfeadh sástacht ar do chroidhe.

athbhaile: *f.4.* baile eile seachas do bhaile dúthchais; áit a gnáthuightear go minic. Sé an tigh tábhairne a athbhaile: an áit go mbíonn sé lé fagháil do shíor agus do ghnáth. Bíonn sé chómh buanamhail sa tigh seo go bhfuil a athbhaile déanta aige dhe: deineann sé díreach mar dhéanfadh ag baile. Nuair cuireadh amach as an seanteach iad dheineadar athbhaile ar thaobh an chnuic: chuireadar fútha ann.

athbhán: *f.1.* talamh glas ar n-a dhara cur. Coirce, prátaidhe etc. an dara barra tréis na talmhan do bhriseadh.

athbharr: *f.1.* an dara barra nó fás. Athbharr maith seadh coirce: prátaidhe ar dtúis, cuir i gcás.

athbhraon: *f.1.* othar an dara h-uair; deoch eile, nó deoch bhreise. Chneasuigh an chneadh ró-luath agus tá athbhraon anois innte: drochas airís innte. Ná h-imthigh gó foill, bíodh athbhraon againn: ólaimís deoch eile sara bhfágam.

athbhuachaill: *f.3.* buachaill a bhíos ag duine a bhíos féin n-a bhuachaill ag duine eile. Is leisceamhail leat do chúram féin do dhéanamh, níor mhór duit athbhuachaill do bheith agat: budh bhreágh leat duine do bheith fé dhuit rudaidhe do dhéanamh duit. Ní bhein im athbhuachaill ag aonne ag breith scéal do: don té féin gur chóir do scéal nó teachtaireacht d'iomchar ní dhéanfainn do é. Athbhuachaill agam é: níl sé im adhmanas anois.

athbhuairt: *b.3.* breis buartha, nuadhbhuairt. Chuir bás a athar buairt a dhóthain air agus go grod n-a dhiaidh san bás a mháthar athbhuairt.

athbhualadh: *f.* (*-ailte*) léasadh an dara h-uair; léasadh ó thalamh. Ní bheidís sásta me bhualadh uair gan athbhualadh gránda do thabhairt dom: bualadh airís. Féach, tá na sráideóga so lán de smúit, caithfir iad d'athbhualadh: do bhualadh airís. Ní bualadh atá ag teasdáil ón leanbh aimhleasta san ach athbhualadh: é do bhualadh go mbíonn smacht ceart air.

athbhuille: *f.4.* buille breise, buille airís; cúrsa nó tímcheall an dara h-uair. Ar eagla nár mhairbh sé an cat d'aon bhuille thug sé athbhuille dho. Ar a athbhuille don ngárda fuair sé an doras briste: ag filleadh ar ais do ar a chúrsa (tímcheall) dualgais. Níor baineadh an tsraith fhéir sin go rómhaith, caithfear athbhuille do thabhairt ann: gabháil leis an speil ann airís. Sé an t-athbhuille breóidhteachta a chlaoidh ar fad mé: an taom do theacht (d'aithiompáil) orm.

athchailín: *f.4.* cailín aimsire a bhíos fé bhun cailín eile in adhmanas; cailín a bhí ach ná fuil in adhmanas anois. Sa tigh móir bhíodh seisear athchailínidhe maidir leis an árdcheann: seisear cailínidhe cónganta. Nách í an stiúsaidhe í d'iarraidh athchailín do dhéanamh díom: me do dhéanamh ghnóthaidhe neamhthaithneamhach nó gnóthaidhe gurbh é a ceart féin iad do dhéanamh.

athchainnt: *b.2.* impidhe, athchairt, iarratas, sians nó faidleanamhaint, athrádh ruda. Dá gcaithinn mo shaoghal ag athchainnt air aire do thabhairt do féin ar shnámh budh mhar a chéile é bheadh a shlighe féin aige: ag impidhe go mion a's go minic air. Ní maith ar bith bheith ag athchainnt air cáirde díolaidheachta do thabhairt dom caithfear airgead síos do thabhairt do: bheith ag iarraidh go dúthrachtach air. Ag síorathchainnt ruda d'fhagháil le n-itheadh dhuit, a leinbh: ag lorg mar bheadh duine déirce. Chualamair ár ndóthain ded droichscéal, ná bí ghá athchainnt feasda orainn: ná bí ag congbháil sians air, síorleanamhaint.

athchainnt: *b.2.* cur síos air gan bheith cruinn, fírinneach nó carthanach, ráfla, tromaidheacht. Ní h-inchreidte go ngoidfeadh sé, cá bhfuil an deimhniughadh? níl ann ach athchainnt na ndaoine: ráfla reatha a mhéaduigheas ar a chúrsa. Ní fearamhail an rud bheith ag athchainnt ar aonne, fág marbh an scéal: cainnt gan gádhtar ná deineann maith. Dá mbeadh eaga agam anois chríochnóchaimís ár ngnóth, buail isteach airís agus déanfam athchainnt air: tráchtfam air. Cuir uait do chuid athchainnte, aon nidh atá agat lé rádh, abair leis féin é: ná bí ag tromaidheacht nó ag cúlchainnt air. Dá mb'áil leat gan an oiread athchainnte do thabhairt uait agus an ceart chughat ní bheidhfí chómh dian ort: teallaireacht, míomhúinteach, gach re seadh.

athchainnteach: *a.* scéalach, ráflach, aithriseach. Duine neamhiontaoibheach athchainnteach seadh é, ná bíodh baint agat leis: ná téidheann stad ar a theangain ach ag cainnt sag cur leis; nár bh'iontaoibh rún do bheith aige ort. Budh mhó mo chion ort dá mbeitheá níos neamh-athchainntighe: gan bheith do shíor ag trácht ar dhaoinibh a's ar rudaidhibh ná baineann leat. Pé rud a deirtear leat sé do bhail bheith foidhneach agus gan bheith athchainnteach: gan bheith tagarthach, id chosaint féin gan bheith umhal.

athchainntighe: *b.4.* tugtha do ráflaidhibh, gearraighneas, bruadaireacht, dailtínteacht, deiliúsacht. Ní fhoidhneóchadh naomh lé n-a athchainntighe: dána, míomhúinte ar gach focal. A athchainntighe leis an mbreitheamh, budh dhóigh leat gur leis an dlighe ar fad, a thug príosún do: ag labhairt go míbhéasach gan chóir.

athchairt: *b.2.* athchuinghe, impidhe, guidheachtaint, iarratas dúthrachtach. "Úrnaighthe do múineadh im leanbh dom féin/ ar dhúiseacht lé dúthracht ar ghairm na n-éan/ mo ghlúin deas leigeant fúm ag athchairt chun Dé/ ar an rí d'fhulaing sciúirse a's peannaid 'n-ár dtaobh". Thug an bhean an oidhche ag athchairt ar Dhia a fear do thabhairt saor ón muir: ag guidhe ó n-a croidhe. Dá mhéid athchairt a dhein bochtán ar an siopadóir ballóg aráin do thabhairt do do dhiúltuigh sé é: dá méid lorgaireachta, truaighmhéilighe. Duine dian daingean seadh é gan puinn géillte, ach b'fhéidir lé h-athchairt air go bhfaighfí rud

éigin uaidh: dian-iarraidh. Déin rud ar m'athchairt agus fág an drochbhall so ar son do shláinte: géill dom ghuidhe dhúthrachtaigh ort.

athchaithte: *a.* caithte go maith gan bheith ró-olc, curtha i leathtaobh tréis cuid mhaith chaithte, iar bheith in áis nó dhá chaitheamh cheana. Cheannuigheas gluaisteán athchaithte saor go maith ar fiche púnt: ceann a bhí in áis rómham. Díoltar earraidhe athchaithte sa tsiopa san: earraidhe a bhí ar caitheamh ag daoinibh cheana. Caithfead casóg nuadh do cheannach, an ceann atá orm, tá sí athchaithte: lom, dearóil le caitheamh a's aois. Athchaithte go maith ataoi tréis do thréimhse san Oileán Úr: lom snoighte, cómhartha an tsaoghail a's na hoibre ort.

athchaitheamh: *f.1.* áis, earraidheacht nó caitheamh airís. Nuair glanfar an chulaith sin ní thabharfaidh sí aon athchaitheamh uaithe: ní sheasóchaidh sí rófhada. Dá mbeadh bonn a's sála nuadha fés na brógaibh sin thabharfaidís athchaitheamh leathbhliadhna uatha. Ar athchaitheamh na téide dhom do shroich sí é: an dara caitheamh. Cuir i gcoimeád an chulaith sin, bainfidh duine bocht éigin athchaitheamh aiste: is aindeis leatsa í ach is geal le bochtán í.

athchaora: *b.5.* caora dhá bhliadhan. Olann na h-athchaorach is fearr. Fóisc: caora bhuinnean aonbhliadhna; athchaora as san amach, deirtear caoire buinneana.

athcháirde: *f.4.* eaga, creideamhaint, moill (i ndíolaidheacht). Dá fhaid bhí na fiacha amuigh orm do thug sé athcháirde dhom lé n-a fheabhas d'fhear: mhoilligh sé fiacha do bhaint díom airís. Loirgeas athcháirde air gidh go raibh chúig phúint cheana aige orm: rud do thabhairt dom an athuair ar iontaoibh go n-íocfainn as. Réidhtighimís an cúrsa anois ó táimíd go léir i láthair, rófhada i gcosair chródha dho, ná cuirimís ar athcháirde é: ná cuirtear a réidhteach siar (ar athlá) mar tá sé rófhada gan socrughadh againn. Níl aon athcháirde ag an mbás: ní ghabhann sé le leithscéal ó neach.

athchara: *f.5.* cara an dara feacht. Lé truagh do lé n-a bhochtanacht d'aindeóin a ndeárna sé orm dheineas athchara dhe: d'éirigheas mór airís leis. Mhaitheamair ár lochtaidhe dá chéile agus rinneamair athcháirde: cáirde dob eadh sinn tráth, thuiteamair amach, agus d'éirigheamair mór lé chéile airís. Is iad na h-athcháirde is buaine.

athcharadas: *f.1.* (**athcháirdeas**) muinnteardhas an dara h-uair. Saoghal sealadach seadh é, cad atá buaidhte againn lé h-easaontas deinimis athcharadas agus bímís báidheamhail mar bhíomair, tráth: tagaimís chun caradais airís: bímís buidheach dá chéile. Ní deacair lé cladhairidhibh teacht chun athcharadais: ní misde leó nó ní bhfaighid dian é ar a son féin.

athchasadh: *f.* (*-sta*) filleadh, filleadh go maith, nó go mór, scaoileadh mar snáthach de cheirtlín nó doradha. Ar athchasadh na taoide dob fhéidir leis an luing teacht go dtín caladh: nuair líon (éirigh) sí. Ní poll ró-dhoimhin é, le h-athchasadh na taoide siubhalóchair treasna an chladaigh: ar imtheacht amach (thrághadh) dhi. Athchasadh ar an mbaile is gnáthach lé gach stráille nuair bhíonn deireadh caithte aige: filleadh air. Ag casadh a's ag athchasadh tímcheall do gur thuit lé mearbhal n-a cheann: ag iompódh tímcheall gan stad. Fuaireas scéala athchasta ar Áth Cliath a's gan mé lá ag baile: scéala

ghá iarraidh orm filleadh. Dá mbein ag athchasadh chrampa an ghluaisteáin ó shoin ní chorróchadh sé: ag síorchasadh. D'iarraidh an doradha d'athchasadh chuaidh sé in achrann orm: d'iarraidh é do scaoileadh anuas den ngline.

athchasaim: *b.a. 7 n-a.* casaim nó fillim airís. Athchas ormsa, a ghiolla an dheabhaidh, agus éist go cúramach: fill, tair ar ais. Imthigh agus ná h-athchas ar an dtigh seo choidhche: ná fill.

athchluiche: *f.4.* an dara cluiche, imirt airís, cluiche in aghaidh cluiche eile. D'imir an dá fhuirinn seo cheana ach ó b'é an scór céadna do bhí aca beidh athchluiche ar an imirt: imreóchaid airís. Ó tá an oidhche thar druim stadaimís agus bíodh athchluiche againn oidhche ambáireach: cluiche in ionad nó i gcoinnibh na h-imeartha anocht. Cad é an mhaith bheith ag áiteamh cé dhein an tuaiplis, socruigheadh athchluiche é: fágaimís é fé imirt eile ar thosnughadh glan.

athchlódh: *f.1.* an dara clódh, clódh eile fós seachas an ceann atá ann; malairt clóidh, cuma; aithbhreith; an chosamhlacht, cuma nó deallramh céadna. Níl cóip ar bith den leabhar le fagháil anois, caithfear é do chur fé athchlódh: é do chur amach airís. Dreatháir do Sheán tú, is tú é n-a athchlódh: a chosamhlacht ort. Cuireann an hata nuadh san athchlódh ort, ní aithneóchainn choidhche thu ann: malairt cuma: ní hé an t-imtheacht gnáth atá fút age n-a chaitheamh.

athchlann: *b.2.* clann leis an dara céile fir nó mná. Muirear triúir uirthe leis an gcéad fhear agus beirt athchlainne: leis an dara fear.

athchlaidhe: *f.4.* claidhe a tógtar ar bharr claidhe nó tamall amach uaidh chun cosanta mar chídhfeá lasmuigh de sheanchaisleán nó de sheanchlochán. Ceathair nó cúig de athchladhthachaibh i gcosaint an dúna bhig. Rinne an feirmeóir athchlaidhe mar a raibh an maolchlaidhe leagtha: d'aduigh sé claidhe nuadh air.

athchlos: *f.3.* cloisint nó clos airís. Ar a chlos ar dtús dom níor thugas cluas do ach ar a athchlos dom ghéilleas do. Maoidheann an dochtúir go dtabharfadh sé athchlos d'aonne atá bodhar: go dtabharfadh sé a éisteacht do airís (athuair).

athchognaim: *b.a.* cognaim airís. Itheann bó an féar, cognann beagán é, tréis tamaill luigheann ar a socracht agus athchognann é. A leinbh, athchogain do chuid bídh nó ní raghaidh sé chun do mhaitheasa: cogain airís agus airís eile é.

athchogaint: *b.3.* cogaint airís, cogaint mhaith. Ainmhidhe athchoganta seadh an bhó: beireann sí aníos as an ngoile é agus cognann airís é. Ádh mhór atá ort a's a rádh ar an athchogaint do thug an eascú ar do mhéir nár bhain sí dhíot ar fad í: cogaint mhion, ghránda, idir chnámh a's chroiceann.

athchóirighim: *b.a.* socruighim, feistighim an dara feacht, ceartuighim. D'athchóirigheas an leabaidh mar is aindeis an tslighe socruigheadh cheana í. Ní slachtmhar atá na h-áraistidhe ar an gcornchlár, athchóirigh iad: cuir in órd níos taithneamhaighe iad. Muna

athchóirighir do bheatha, agus riaghail do chur leat féin is geairrid é do shaoghal: leasughadh do dhéanamh ar do dhíthcéille. Athchóireóchaidh an cladhaire an scéal chun a bhaile féin a's do dhíobhála-sa: socróchaidh.

athchóiriughadh: *f.* (*-ighthe*) socrughadh an athuair. Bheadh an scéal soiléighte dá mbeadh athchóiriughadh air, mar tá sé, níl aon treóir air: socrughadh níos fearr. Chaith sé deireadh a shaoghail i mainistir ag athchóiriughadh a bheatha: aithdhéanamh.

athchomair: *a.* in aice; i bhfoigseacht; go tric, oban, tapaidh; gearr, gasta. Ná gaibh athchomair ar an gcarraig nó is tinn duit, talamh tanaidhe atá ann: ná fan ró-gheairrid di. Comhnuighimíd athchomair go maith dá chéile, i ngiorracht míle: i bhfoigseacht. "An bhfuil an t-airgead slán agat?" – "níl, acht athchomair do": i ngiorracht: beagán as an suim. Níor mhoillsigh sé puinn sinn, chuir an scéal go h-athchomair ós ár gcómhair: go cruinn gan iomad cainnte. Cas go h-athchomair nó is baoghal duit scéimh na faille: go grod, mear. Níor labhras riamh lé fear b'athchomaire le freagra: budh thapamhla: gur bh'fhusa do freagra do thabhairt.

athchomaireacht: *b.3*. foigseacht, isteach 'samach le (suim, aimsir etc.). Athchomaireacht an cheóidh do scannruigh me agus sinn i bhfad ó thalamh gan compás: an ceódh bheith buailte linn. Cathain ná bímíd in athchomaireacht an bháis? ní fada uainn é aon am. In athchomaireacht na talmhan seadh gheibhtear gleamaigh: in aice leis. Ní réidhtigheann an bheirt sin, is fearr gan iad do shuidhe in athchomhaireacht: in aice nó lé h-ais a chéile.

athchómhairle: *b.4.* malairt cómhairle, malairt machtnaimh, cómhairle seachas cómhairle a bhí nó atá; cómhairle míobhaile. Cathain tháinighis ar athchómhairle gan do thigh do dhíol? bhí fút é do dhíol agus anois níl. Ní phósfá anois é, toisc é bheith bocht, creid mise leis go dtiocfair ar athchómhairle: go n-atharróchair t'aigne. Nách athchómhairle dhuit dul lé cléireachas, shaoileas go raibh dochtúireacht it aigne? atharrughadh aigne. Athchómhairle dhuit ó aonne an áit atá agat d'fhágaint go bhfaghair a mhalairt: cómhairle do mhíleasa. D'éirigheas as a gcomhluadar ar fad ní bhíodh síoth ná suaimhneas eatartha ach athchómhairle ar an uile rud: achrann. Is tú mac na h-athchómhairle, ná réidhteóchadh lé h-aonne ach ag déanamh clampair: duine cas-aigeanta, aingceach.

athchómhairlighim: *b.a.* áitighim gan rud áirighthe do dhéanamh, cuirim duine de rud do dhéanamh, toirmiscim duine ar rud. B'fholláin don bhfuirinn gur athchómhairligheas iad ar dhul amach san uain a bhí ann, báidhte bheidís: gur ghéilleadar dom trí áiteamh ortha. Más cara dhuit an fear san, athchómhairligh air gan bheith ag cainnt mar tá, ar a shon féin: toirmisc é: coisc lé cainnt chiallmhar é.

athchostas: *f.1.* costas breise. Athchostas dom seadh dhá fhuinneóig eile do chur ar an dtigh: breis airgid. Ó buadhadh sa dlighe orm beidh dligheadóiridhe an taoibh eile n-a n-athchostas orm: caithfead díol asta i dteannta na coda eile.

athchruth: *f.3.* malairt crotha nó cuma. Is tú fear go bhfuil aithne agam air n-a athchruth, an dath céadna, an aoirde chéadna etc.: anchosamhail lé chéile. Bainfidh an biadh san an chuma mhílítheach díot, agus cuirfidh athchruth ort: cruth is feárr. Bhuail an tsidhe-bhean leis an slaitín draoidheachta an cailín áluinn agus chuir sí in athchruth seanmhná í: i gcruth (eile) seanmhná. Cuireann na soillse lonnracha athchruth ar an uile rud dom shúil: tugaid deallramh deifreach ortha.

athchruthuighim: *b.a.* cruthuighim, ceapaim, déinim airís, atharruigh i slighe nó i meón. Ní athchruthóchadh faic ar an saoghal é – dá mhéid aindeise thugann sé air féin: sé an fear céadna n-a shlighthibh a's n-a mheón é. Muna n-athchruthóchadh Dia ar leithrigh é ní dhéanfadh sé toil aonne: muna gcuireadh Dia ar an saoghal airís é.

athchuinghe: *b.4.* (*iol.* athchuinghthe) guidhe, iarratas dúthrachtach, paidear, iarratais, aisce. Athchuinghe Dé ort, bí trócaireach le duine bocht dealbh: ar son Dé. M'athchuinghe air ó cheann ceann na bliadhna aire do thabhairt do féin ar dhrochchuideachtaidhibh: d'iarrainn óm chroidhe air é. Cuir mar athchuinghe air scríobh chugham, mar beidh uaigneas orm dá éagmais: bí ghá iarraidh air go ngeallann sé. Bheadh truagh agat don leanbh in athchuingheachaibh ar a athair teacht abhaile leis a's gan bheith ag ól: ag iarraidh air go truaighmhéileach. "Tagann uain na h-athchuinghe" déin do shíothcháin lé Dia: ná scaoil thart an chao so, b'fhéidir ná faghfá airís a lithéid. Tá sé ráidhte riamh go dtagann uain na h-athchuinghe, dheineas m'úrnaighe agus fuaireas mo ghuidhe: tráth rathmhar. Cuir t'athchuinghe chun Dé chun tú do neartughadh: bíodh muinghin láidir, chráibhtheach agat as. "Nimh na h-athchuinge do bhéal na h-úrnaighe" (seanfhocal): gurb ar an té atá ag tabhairt drochghuidhe uaidh go dtuitidh an mhallacht air.

athchuirim: *b.a.* cuirim an athuair, nó in áit eile. Níor thaithnigh lár an gharrdha liom don síol gabáiste agus d'athchuireas i gcúinne foithineamhail: chuireas airís i malairt áite. Athchuireadh ó scoil me toisc ná ceapfainn mo shuaimhneas: cuireadh breis agus aon uair amháin me.

athchrúdh: *b.4.* crúdh lomchaithte. B'fhearrde an capall an athchrúdh san do bhaint uaidh, níl aon chosaint innte: tanaidhe, caithte (leadhb).

athchrudhadh: *f.* (*-úidhte*) baint bainne an dara h-uair nó airís ón mbuin; (fíoghar) ag baint airgid, rún, bídh etc. ó dhuine. A phleidhce, níor bh'aonnidh liom duine do chrudhadh uair, ach leigeant é féin d'athchrudhadh go minic: rudaidhe do leigeant uaidh i bhfios nó i ganfhios do lé cách glic. Bó bhleachtach do caithtí a h-athchrudhadh gach eadarshuth: í do chrudhadh dhá uair.

athchrudhaim: *b.a.* crúdhaim airís. "Ar chrúdhais an bhó?" – "chrúdhas agus d'athchrudhas í": níor fhágas braon (oiread is sniogadh) aice. Á, is mise an clabhta amadáin do h-athchrudhadh ar chártaidhibh airéir: nár fágadh faic agam.

athchruaidh: *a.* an-chruaidh, righin, doighéillte. Ambaiste féin fear athchruaidh seadh é fós d'aimhdheóin a aoise: folláin. Siopadóir is athchruaidhe 'ná é ní rabhais riamh n-a

shiopa, ná leigeann puinn ar bóiléagar uaidh: gur deacair rud d'fhagháil ar cáirde uaidh. Aimsir athchruaidh anoir ní folláin í: aimsir dhubh, fhuar, a's gaoth ón áird thoir. "Ná bí cruaidh ar bhochtán mar é" – "ní cruaidh atá sé orm ach athchruaidh": ródhian.

athchruadhaim: *b.a. 7 n-a.* cruadhaim airís, téidhim i ndéine breis. Bhí buige ar an lá ar maidin acht d'athchruadhaidh sé ó shoin: chuaidh sé in olcas ó shoin. Anuiridh ní raibh an saoghal ró-olc acht d'athchruadhaidh orainn maidir lé luach gannaidhe tighe: d'éirigh gach aon earra. Tóg as an oighean an t-arán san, tá sé athchruaidhte: a thuilleadh agus bheadh sé gan mhaith.

athchruadhadh: *f.* (*-idhte*) cruadhadh airís nó go mór. An ag athchruadhadh a fhágfair an t-ubh so, nách mithid é thógaint?: go mbí chómh cruaidh lé cloich. Ag athchruadhadh ó bhliadhain bliadhain do bhíonn an dair: ag dul i mbreis chruadhachta.

athchumadh: *f.* (*-tha*) ag déanamh airís, deallramh mísciamhach do thabhairt ar rud; do ghonadh. Dob é Oscar sás athchúmtha na laoch lé n-a chloidheamh: an té go raibh ann iad do ghonadh agus do lot (lat). Cad do thug an athchumadh san ort? ar éigean aithnigheas tu, táir bacach, do lámh i gcléith agus dhá shúil dhubha agat! an deallramh mísciamhach. Le saontacht na h-aoise bíonn na leanbhaidhe ag cumadh 'sag athchumadh do agus creideann an uile ráiméis uatha: ag ceapadh scéalta dho. Fág an scéal mar tá sé, focal ar fhocal, ná déin aon athchumadh air: ná atharruigh pioc é. Ó saoghaluigheadh é tá an droinn (dronn) sin n-a h-athchumadh ar a dhrom: máchail, mídhreach, éagcruth. Lé neart a ghéag dheineadh sé barra iarainn d'athchumadh: do lúbadh. Athchumadh ort! go n-éirighidh rud éigin duit a thabharfas deallramh gránda ort.

athchumaim: *b.a.* mísciamhuighim, millim, laitim. Cé h-é d'athchúm an roth so, ní chasfadh sí? cé lúb as ionad í? Athchúmfad thú má ghaibhim greim ort, a chladhaire: tabharfad malairt crota ar olcas ort. Ní raigheadh an eochair 'on pholl tá sí athchúmtha: cam, lúbtha. D'athchumas oiread éitigh do agus d'fhéadas mar olc air, mar chreidfeadh sé aon nidh cé gur dhóigh leis bheith anghéar: ag cur scéalta bréige lé chéile dho.

athchur: *f.* (*-tha*) freasabhra, cur i gcoinnibh; cur i dtalamh an dara h-uair. Thógamair an baile ón namhaid gan aon athchur, níor chaitheadar oiread a's piléar linn: dul 'n-ár gcoinnibh. Dein na planndaidhe sin d'athchur san Mhitheamh: bain iad agus cuir in áit eile iad. Athchur coirce atá sa ghort san: an dara fás coirce.

athfhás: *f.1.* an fás a thagas tréis móinfhéir do bhaint, athshádhaile; baibheacht cnámh; aon rud a fhásas an dara feacht. Is tú atá in athfhás! a bhuachaill: is tú go bhfuil an saoghal breágh agat nó i bhfiadhnaise béile maithe. Is amhlaidh go mbíonn an t-athfhás borb deagh-bhlasta. Ar bhearrais tú féin indé! dar fiadh, tá athfhás (féasóige) ort indiu: brat maith. Ní fheadar an fuacht is bun leis nó cad é, ach brathaim athfhás im chnámhaibh: mairbhitighe.

athfhuathmhar: *a.* déistineach; gráineamhail. B'athfhuathmhar an gníomh do a mháthair do mharbhadh lé tuaigh as fhuil fhuar: gráineamhail. Nách athfhuathmhar an scraiste fir thu agus an phingin do sciobadh as láimh an diaill: suarach, mímheastamhail,

neamhfhearamhail. “Is athfhuathmhar an t-iomchar duit” ars an giúistís, “bheith ag ionfairt dhaoine ar an sráid”: scornamhail, míomhaiseach.

athghabháil: *b.3.* gléasadh, tógaint, canadh, gluaiseacht, dul treasna (abha, muir, loch etc.); bualadh, fulang an athuair. Ag athghabháil na seisrighe dhóibh tréis proinne: ghá cur fén gcéachda. Ní raibh bainte dhíom agam nuair b’éigean dom mé féin d’athghabháil nuair chuala go raibh an long pleanncuighthe: mo chuid éadaigh do chur orm airís. D’imthigh an chaid as a lámhaibh agus chrom sé chun í d’athghabháil gur thuit: chun beartha airís uirthe. Ní dhéanfadh sé an t-amhrán d’athghabháil dá bhfaigheadh sé neamh air ó treasuigheadh air: ní dhéanfadh é chanadh airís. Ag athghabháil an bhóthair chéadna dhom bliadhain n-a dhiaidh san casadh an duine céadna orm: ag gluaiseacht airís ann. Tréis na scoile bheith scurtha beimíd ag athghabháil oibre Dé Luain: ag dul chun oibre airís. Ag athghabháil na h-abhan do oidhche tuille bádhadh é: ag dul treasna. An turus déidheanach do chonnac é bhí athghabháil air: éaduighthe ar malairt cuma. Ní mór athghabháil do chur ar an mbád so má cuirtear chun farraige, ní h-iontaoibh í mar tá sí: fearas nuadh, mar seólta, deisiúchán etc. Bhíodar i bhfad gan claoidhe lé chéile, ach anois táid ag athghabháil lé chéile: ag maireachtaint lé chéile. Ar eagla go mbrisfeadh an lúb san cuir athghabháil lúibe eile ar an slabhra: ceangail lúb eile n-a fochair. Ag gabháil ’sag athghabháil den mbraon do chuireann duine ar meisce: ag tabhairt fén ól ó bhraon braon. Chuir muinntir an tighe sin amach cheana me, mo thuairm ná beadh aon athghabháil liom aca: fáilte. An iongnadh me bheith goirtighthe, bhíodar ag athghabháil orm go rabhadar sásta: ghom bhualadh gan sos.

athghabhaim: *b.a.* greamuighim, beirim ar, buailim, gluaisim, gléasaim, broicim le, claoidhim le. Tá an baoite ag tuiteam ded dhubhán, athghaibh é: greamuigh airís é. Ní raibh an bhean sásta lé bualadh na mbrat úrláir gur athghaibh an scraiste ortha: bhuail airís is airís iad. Ar an gclódh atá ort ní shiubhalfainn rann den mbóthar leat, athghaibh thu féin: cuir malairt éadaigh ort féin. “Athghaibh léd mhnaoi ar son bhur gclainne”, ars an giúistís: claoidh léi. Athghaibh an bealach do tháinighis b’fhéidir go bhfaghfá an rud do chaillis: siubhal thar n-ais an tslighe chéadna. D’athghabhamair an tigh ortha tréis sinn do ruagadh as: bhaineamair amach lé n-ár neart. Athghaibh an doras san, sin é ar oscailt id dhiaidh é: dún nó daingnigh airís. “Athghaibh, a Mhuiris, an t-amhrán úd, mo ghradhain do ghuth”: can nó cas suas airís é. Níor athghaibh aonne ar an áit úd: aonne a bhí san áit mhíofhoirtiúnach úd uair níor athghaibh sé choidhche airís ann: níor fhill air.

athghairid: (*-e*) *a.* an-ghearr, anghearra. **Fic** gearr, geairrid.

athghairid: *b.2.* foigseacht, giorracht, cómhgar etc. **Fic** aithgheárr.

athghamhnach: *b.2.* bó a bhíos an dara bliadhain ’n-a gamhnaigh.

athgharbh: *a.* an-gharbh, achrannach, neamhmín. Is athgharbh liom an t-éadach so i gcómhair an lae shaoire: níl sé mín deagh-dheallramh mar is gnáthach d’éadach ionchaithte an lae sin. Is gearr é saoghal na trucallach ar bhóithribh athgharbha: cnapánach, clochach, aimhréidh. Oidhche athgharbh ná fágfadh do bhairéad ar do cheann

lé gaoith: fiadhain-ghaothach. Níor mhaith liom mar amhránaidhe í, guth athgharbh gan oileamhaint atá aice: neamhmín, borbghlórach.

athghlanaim: *b.a.* glanaim airís nó go maith; bainim an salachar (fiadhaile) as bharra athuair, scriosaim athuair. Níor fágadh pingin im spaga ag imirt, d'fhilleas lé súil bheartha agus athghlanadh me: buadhadh a raibh agam an dara feacht. Athghlan na h-áraistidhe sin go mbíd gan can, gan teimheal: bí ghá síorghlanadh go mbíd gan salachar ar bith. Dá mhinicighe athghlanaim an gáirdín bíonn fiadhaile ann. Dá athghlanadh dochtúir an chneadh san chneasóchadh sí: dá mbaintí an t-othar aiste. Athghlan an líon so, tá iasc fós ann: bain as na bric atá ann.

athghlanadh: *f.* (*-nta*) glanadh airís. Cailín tóirtéiseach a chaitheann an lá ghá h-athglanadh féin lé meas: ghá priocadh a's ghá giobadh féin gan stad. Táimid ag déanamh athghlanta an earraigh ar ár dtigh: dhá ghlanadh ó chúil cúil go maith.

athghnóth: *f.4.* obair nó gnóth a deintear athuair nó is éigean do dhéanamh athuair, nó thar am ghnáth. Nuair bhíonn an lá istigh aige sa tsiopa cuirtear athghnóth éigin air sa bhaile: gnóth breise. Is annamh do bhíonn athghnóth sásamhach: is fearr obair do dhéanamh n-a cheart d'aon iarracht.

athghoinim: *b.a.* goinim nó goirtighim athuair nó go mór. Is é rud is mó d'athghoin me tagairt don rud a bhí déanta as an slighe agam: a ghoirtigh go mór me. Athghoinfidh an dochtúir tú nuair bheidh sé ag lannsáil an chnapáin sin ar do mhuineál: goirteóchaidh sé thu farra an tinneas atá ort cheana.

athghráinne: *f.4.* gráinne nó síol a fhásas ar an bpríomh-ghráinne, an dara barra den gcineál chéadna ar an dtalamh céadna an aithbhliadhain. Talamh an-shaidhbhir a thabharfadh athghráinne chómh maith leis an gcéad bharra: an dara barra coirce, cuir i gcás. Droichshíol seadh é seo féach an t-athghráinne atá air: an gráinnín beag amach as an mbunghráinne. Adhmad lán d'athghráinne seadh é, ní thaidhbhseóchadh sé slachtmhar mar dhoras: níl treó snáithínidhe an adhmaid díreach, mín in ionnas.

athlá: *f.* (*-lae*) lá eile atá lé teacht nó atá imthighthe, cáirde, sos, uain, eaga. "Cuirfead an chúis seo ar athlá", ars an giúistís, "go gcloisead an chuid eile des na finidhthibh": í do chur siar go lá eile le teacht. Ó thug Dia an t-athlá dhuit, budh cheart duit aire do thabhairt dod shláinte: ó tháinighis ón mbaoghal n-a rabhais. Díol nó i bpríosún leat, tá iomad athlaetheanta fachta agat: cáirde, eaga (díolta). B'olc í a ghuidhe: "Nár thagaidh an t-athlá ann", ar seisean leis an nduine breóidhte: nár mhairidh sé go dtín lá ambáireach. Buadhadh orm indiu, ach fan, beidh athlá agamsa: tiocfaidh lá mo bhuaidhte-se fós. Níor mhór dom athlá chun na h-oibre d'aithinfhiúchadh: lá breise. "Athlá nár mhór duit chuige", deirtear go searbhasach lé duine a bhíos ag cnáimhseáil ar a luighead aimsire agus bhíonn aige chun gnótha big do dhéanamh. Budh thu an duine céadna tréis an athlae, an caitheamh céadna do bheadh ionat: ní atharrófá pioc dá mhéid cainnte atá agat.

athlán mara: *f.4.* filleadh barra taoide. Snámhfaidh an long den mbannc gainimhe ar an athlán mara: an chéad bharra taoide eile.

athlaoch: *f.1.* seanduine an-aosta; seanshaighdiúir. B'iongntach an t-athlaoch an Cinnéideach, dílis do Pheárneil go deireadh a shaoghail: fear cródha nár atharruigh n-a phoilitidheacht. Seadh, níor bh'aon náire dho dul ar an mbreis. Athlaoch maith dob eadh é: bliadhanta móra, fada aoise aige.

athlasadh: *f.* (*-sta*) lasadh airís; at nó borradh cneádha; luisne an-dhearg; aitheirghe éisc n-a ráth. Ar athlasadh an éisc tuilleadh na líonta leis: nuair éirigh an t-iasc i mbarr uisce go h-iomadamhail agus conach air. Ní maith an cómhartha ar an nduine breóidhte an t-athlasadh san ann: an luisne dearg le suaidhteacht. Gheobhair a thuilleadh tinnis ón gcneadh san, féach athlasadh ag teacht innte: at agus deirgeacht thar cheart.

athmhalairt: *b.2.* iomlaoid, babhtáil athuair. Ní malairt an capall san ach athmhalairt: an duine go bhfuil sé aige anois is é an tríomhadh duine go raibh n-a sheilbh aige é. Thugas mo scian ar malairt spionóige don mbráighe agus dhein seisean athmhalairt uirthe lé bráighe eile ar ghabhlán: babhtáil. Is ar mhalairt agus athmhalairt do mhaireann ceannaidhthe i dtíorthaibh ná fuil airgead ionta: ag cur earra i gcoinnibh earra eile.

athmhalartuighim: *b.a.* babhtálaim, tugaim in ionad (ruda) an athuair. Ar choingheall ná h-athmhalartóchadh sé an talamh do fuaireas ar malairt do dhíolas leis é: ná scarfadh sé leis i ndíol talmhan eile. Fear chómh sprionnlaithe sin seadh é go n-athmhalartóchadh sé a anam leis an ndiall ar phingin: airís agus airís go reicfeadh sé a anam go saor.

athmhalartughadh: *f.* (*-uighthe*) ó aonach go h-aonach chaitheann tuinncéiridhe a saoghal ag athmhalartughadh asal a's cor-each: ag tabhairt ainmhidhe ar ainmhidhe eile.

athmhaol: *a.* feargach, buileamhail, cúthail, náireach. Is athmhaoile ag baile é, mar is gnáthach lé gach fear banchiapuighthe, ná amuigh: sa bhaile bíonn sé cúthail, i gcuideachtain bíonn an dá dhiall air le cainnt: cad ná déanfadh sé. Is beag gnóth ag duine athmhaol i dtigh cúirte: róchúthail. Bheadh aonne athmhaol ag an gcainnt bhuirb sin i gcuideachtain: chuirfeadh sí buile nó olc ar aonne.

atmhar: *a.* (*-aire*) borrtha, méaduighthe le gortughadh, bolgtha (an fharraige). Do shúile atmhara ceal codlata: bolgtha, éirighthe amach thar cheart. Abha ró-atmhar ag an dtuille le dul treasna seadh í: iomad uisce thar ghnáth. Tagann ólaidhthe móra atmhara lé gaoith aniar dtuaidh: tonnta árda, righine, i gcosamhlacht maolchnoc. Is atmhairidhe an chos thinn siubhal uirthe: de chionn an tsiubhail borrfaidh sí.

athmharbhadh: (*-bhtha*) *f.* a mharbhadh airís, athbhás. É d'athmharbhadh budh chóir a dhéanamh, an t-alfraits nár leig d'aonne riamh: é do mharbhadh agus ar eagla go mbeadh an dé ann é do bhualadh airís. "Iasc athmharbhtha é seo", arsa sean-Dhómhnall, nuair bhaineas gach breac n-a bheathaidh den ndubhán thuit sé i luig sáile sa charraig agus b'éigean dom gach ceann aca d'iascach airís!!! Bhailigh scata aca air, ag gabháil air gur thugadar athmharbhadh do: bualadh uathbhásach.

athmhuinnteardhas: *f.1.* caradas, báidheamhlacht fé dhó. Caithimís uain faltanas a's drochaigne, tagaimís chun athmhuinnteardhais: chun caradais: bímís buidheach dá chéile airís. "Croithidh lámh lé chéile, déinidh athmhuinnteardhas", ars an breitheamh agus déanfad spior-spear den gcúis: bídh grádhach, síothchánta mar bhíobhair cheana. Scar sí féin 'sa fear lé chéile bliadhanta ó shoin, ní dóigh liom gur féidir athmhuinnteardhas do dhéanamh eatartha: iad a cheannsughadh go maithfidís dá chéile.

athnáireach: *a.* cúlbhánta, tláth, banamhail, scáthmhar, faiteach. Dá mbeidhfeá gan bheith chómh h-athnáireach ag lorg do chirt ní bheadh rud éigin de bharr do shaoghail agat: bheith mall, neamhchráisteamhail. Nách athnáireach an gearrchaile thu, ní raibh a fhios agam tú do bheith láithreach in ao'chor: cúthail, gan bheith dána. Bean is athnáirighe ná í ameasc ban eile, ní bhfaghfá: banamhail, tláth, gan fonn í féin do chur in iúil ameasc daoine.

athnasc: *f.1.* aithris, cur iarraidh ar, aithris cainnte duine d'fhonn bheith deimhnightheach di; aithris fhonmhóideach. Ní dóigh liom gur chualais i gceart cad dubhairt sé, déin an chainnt d'athnasc air d'fhéachaint ar thugais leat i gceart í: aithris na focail do tuigeadh duit adubhairt sé. Cómhairle! ní théidheann lag orm ach ag athnasc air breis chéille do bheith aige: ag impidhe 'sag iarraidh go láidir. Go mbínn cortha bhínn ghá athnasc ar mo chlainn fanacht ó dhrochchuideachtain nó gur thinn dóibh: ghá athchuinghe ortha óm chroidhe. Comá ná tiocfadh olc ar an nduine bocht tutbhéalach nuair chonnaic sé ag athnasc air tu: ag aithris go fonmhóideach.

athnascaim: [**athnaiscim**] *b.a.* órduighim do, ceanglaim ar. Athnascaim ort gan a rádh le h-aonne go rabhas déidheanach mar brisfí me: cuirim mar cheangal athchuinghe ort gan etc. Ná h-athnaisc cúirmidhe an duine sin orm-sa mar dá olcas é ní bheidh faic dá bharr agat: ná h-aithris iad lé súil beartha.

athnuadhadh: *f.* (*-dhtha*) (**athnuadhachtaint** *b.3.*) do dhéanamh nuadh airís; an rud céadna do dhéanamh airís. Scéal ró-ghránda seadh é, agus ní maith liom a chlos, chun athnuadhtha do dhéanamh air: é do dhéanamh airís, nó trácht air agus é dearmhadtha ag daoinibh. Athnuadhadh bróin dom seadh trácht ar bhás mo mhic: brón airís dá thaobh. Athnuadhadh nirt ort seadh an ghloine bheathuisce seo: filleadh nirt. Athnuadhadh ar do radharc chughat: go dtagaidh sé ar ais chughat. Cad é an mhaith bheith ag athnuadhachtaint an ruda atá imthighthe thar fóir? cad é an mhaith bheith ag tagairt do rud ná tiocfaidh maitheas dá bharr. Ní dhéanfadh an bannc an iasacht airgid d'athnuadhadh dhom, eitigheadh me: do thabhairt airís. Deinimís athnuadhachtaint ar ár gcoidreamh, is minic braithim thu: buailimís le chéile go minic. Sar ar bh'fhéidir leis an namhaid an cath d'athnuadhadh d'iadhamair n-a dtímcheall: tosnughadh airís: an cath d'athghabháil. Budh mhór an athnuadhachtaint ar do hata, é do ghlanadh: an feabhasughadh. Athnuadhachtaint ar sean-nós ag an aos óg budh thaithneamhach é: do chleachtadh airís. Athnuadhachtaint ar an dtigh é do phlástráil agus do ghealadh: feabhasughadh agus slacht.

athnuadhaim: *b.a.* atharruighim ar fheabhas; cuirim brigh nó anam nuadh ann; athbheódhaim. Cad is feárr athnuadhfadh an chathaoir sin ach í d'athchlúdach: cuma

nuadh do thabhairt uirthe. Athnuadhfaimíd na nósa Nodlag do bhíodh ag ár seanmhuinntir: cleachtfam airís iad. Athnuadhann an deoch láidir sin me, bhíos leathta leis an bhfuacht: cuireann sí breis anama agus brighe ionam.

athrádh: *f.1.* do rádh nó d'aithris airís. Ná bí ghá athrádh lé h-aonne gur thugas éachtaint duit go bhfuilim ag imtheacht thar lear: ghá rádh airís. Is minic me ghá athrádh leis go mbíonn an iomad fuadair fé n-a ghluaisteán: ghá rádh go minic. Bí ag athrádh do cheachta go mbí de ghlanmheabhair agat: ghá rádh gan sos. Cad é an mhaith bheith ghá athrádh liomsa go bhfuil daoine bochta ann, ní me an riaghaltas! ghá chur n-a luighe orm. As a athrádh d'éirigh an clampar – dubhairt sé tréis a thoirmisc air gur amadáin sin.

athrádhaim: *b.a.* deirim an dara feacht. Chonnacthas dom nár chuir aonne suim im ghlór agus d'athrádhas go raibh ocras agus tart orm: dubhart airís. Tréis athráidhte dho gan aonne do dhul i ngoire an phléascáin níor géilleadh do, a thoradh aca triúr bheith marbh: tréis a chur in iúil go minic soiléir. Scéal athráidhte seadh é, caith uait é, táim tuirseach de: innste go minic minic. Tá sé athráidhte go mbeidh talamh an tighearna anáirde: bhí trácht cheana uirthe gan toradh, anois tá an scéal céadna ag imtheacht airís.

athráidhteach: *a.* cainnteach, scéalach, aithriseach. Ní chuirfinn puinn muinghine id dhul as gan tu do ghearrán má chonnaic Séamas tu, is athráidhteach liom é: tugtha do gach rud do chloiseann a's do chídheann do bhreith leis chun cách.

athrughadh: [**atharrughadh, atharughadh**] *f.* (*-uighthe*) malairt cuma nó crota, iomchair, aiste nó stáide; tionntódh nó aistriughadh ó theangain go teanga eile; dul ar malairt creidimh (anonn). Gan aithne gan úrlabhradh fós, gan aon athrughadh: sa stáid chéadna. Cuireann éadaighe breághtha athrughadh ar an té is míochumtha: tugaid cuma níos fearr air. Tagann athrughadh ar an nduine lé h-imtheacht aimsire: ní fhanann sé ar an gcuma gcéadna. Cad é athrughadh meóin atá air ó fuair sé bean, ní feictear choidhche i gcuideachtain é: a lithéid de shlighe aigne ná raibh cheana aige. Is fearrde duine athrughadh bidh: biadh seachas an biadh láithreach. Chuir luascadh an bháid athrughadh goile orm, chromas ar úirleacan: bhreóidhtigh an bád me. Sé méid moille bheidh anois faid bhead ag athrughadh mo chuid éadaigh: ghá bhaint seo díom agus ag cur éadaigh eile orm. Dhein sé athrughadh creidimh: chuaidh sé ar chreideamh nách é a bhí aige. Is ró-riachtanach athrughadh do dhéanamh ar an ndlighe dian so, nó éireóchaidh na daoine: malairt dlighe do dhéanamh de. Lé h-athrughadh na h-aimsire filleann na dathacha orm: ag dul ó stáid go stáid eile (ó thriomacht go taisireacht). Déin athrughadh ar do bheatha má tá fonn dulta chun cinn ort: mair ar chuma dheifrigh leis an gcuma go mairir anois. Níor creideadh focal uaidh nuair tháinig sé ar athrughadh scéil: deifir do chur ann. An dochtúir! Brostuigh! Tá an fear ag athrughadh: cuma neamhghnáth ag teacht air. Chonnac ag athrughadh é, d'aithnigheas go mbeadh sé breóidhte: dath nár ghnáth ag teacht n-a ghnúis. Rugadh ar ag athrughadh na gcártaidhe: ag tógaint cártaidhe áirighthe agus ag cur cártaidhe eile n-a n-ionad. Deirtí go raibh diabhlaidheacht éigin aige gur bh'fhéidir leis duine d'athrughadh 'n-a ghabhar: cuma an ghabhair do thabhairt air.

athruighim: [**atharrughaim, atharughaim**] *b.a.* $_{7}$ *n-a.* bheirim cuma mar tá ar rud, tugaim crot éagsamhail ar, clódh deifreach ná mar tá. D'athruigh an táilliúir mo thriubhas

dom, scaoil sé beagán leis mar bhí sé róghearra: thug sé malairt clóidh. D'athruigh na daoine bochta a gcreideamh trí bhochtanacht: d'fhágadar an ceann a bhí aca agus chuadar ar cheann eile. D'athruigh an ghaoth i rith na hoidhche, andeas do bhí sí tráthnóna airéir, aduaidh do bhí sí ar maidin: d'imthigh ó áird go h-áird eile. D'athruigh a lí ann nuair marbhadh an fear 'n-a fhiadhnaise: tháinig dath air ná raibh air. Athruigh do chuid scríobhnóireachta agus b'fhéidir ná h-aithneófí cé scrígh: tabhair cuma nách gnáth air. Athruigh annso in aice liom: fág an áit atá agat. Athruigh an bille púint seo ar airgead bhán: faigh airgead bán n-a ionad. Athruigh an léine sin ort, táir fliuch, báidhte: cuir léine thirim ort. Duine athruighthe seadh thu, ní bhfaghaim greann ná seódh anois ionat: ní tú an duine céadna id mheón. Deirtear go bhfuil fonn gach dúthaighe athruighthe lé caoga bliadhain: go bhfuil fuaire, fliche, teas nó triomacht dulta air.

athshádhaile: *f.4.* athfhás, athfhéar (tréis móinfhéir do bhaint). Cothughadh athshádhaile ar an mbeithidheach: cothughadh maith. (Fíoghar) Táthaoi in athshádhaile annsan: cóir mhaith bhídh agus dighe oraibh.

athshailleadh: *m.* (*-llte*) sailleadh nó salann do chur an athuair ar iasc nó ar fheóil. Cuirtear maircréil ar athshailleadh sara gcuirtear tar lear iad: croithtear an seanshalann díobh agus scaoiltear an saill díobh agus cuirtear salann eile ortha. Iasc athshaillte, feóil athshaillte.

athshalann: *f.1.* salann an dara h-uair. Ím athshalainn é seo, tá an diall le guirte air. "An dtabharfá an rud san ar iasacht dom ó ná fuil aon áis dhá bhaint agat as?" – "ní thabharfad" – "cuir ar athshalann é mar sin!": coimeád agat féin.

athsmaoinim: *b.a.* machtnuighim, meabhruighim, cuimhnighim airís ar. Díreach agus mé ar tí imtheacht ón dtigh gan mo chasóg d'athsmaoineas go mb'fhéidir go mbeadh sé fuar agus go dteastóchadh sí uaim: chuimnigheas orm féin. Athsmaoin, mo chómhairle dhuit, sara ndeirir rud chómh dáiríre lé pósadh: cuimhnigh agus meabhruigh ar mhuirearaighe a bhfuil rómhat.

athsmaoineadh: *f.* (*-inte*) do mhachtnamh go doimhin, rud do chur tríd an inchinn, do mheádhadh agus do chriathairt go maith. Ar athsmaoineadh dhom ní dóigh liom go n-íosfad an fheóil seo, is righin liom í: ar chuimhneamh cad é toradh thiocfadh de n-a h-itheadh. Aithnighim ort go bhfuil athsmaointe dhá dhéanamh duit: chidhtear dom ar do cheannaghthaibh go bhfuilir ag cur rud éigin go dáiríre trí t'aigne.

athsmaoiniughadh: *f.* (*-ighthe*) do dhéanamh smaoinimh an dara h-uair. Dá mhéid agus dá mhinicighe do dheinim athsmaoiniughadh ar thoisc an duine is diamhairighe thaidhbhsigheann sé dom: do bhím d'iarraidh é do réidhteach dom féin. Cuirimís an scéal achrannach so ar athlá go ndéineam athsmaoiniughadh air: go meádhaimíd is go gcriathruighimíd go h-iomlán é.

athtairgim: *b.a.* cuirim fé bhrághaid (dhuine) chun athghlactha i gcás no ar dhóigh ná beadh sásta leis an ngnóth. Nuair cheannuigheas an tigh d'athtairngeas a chuid airgid do: é do thabhairt ar ais muna mbeadh sásta lé n-a mhargadh. Dhiúltuigh sé dom chabhair,

d'athtairngeas do í ach budh mhar a chéile é: thafantas, chuireas in iúil do go raibh mo chabhair lé fagháil aige ach í do ghlacadh.

aththairsgin(t): *b.2.* rud nó a luach do chur os chómhair (fé bhrághaid) dhuine fé thuairm a ghlactha nó a dhiúltuighthe an athuair. An chéad tairsgin(t) aige, cúig céad púnt, níor ghlacas, ach an aththairsgin(t) sé chéad, ghlacas go fonnmhar. Seo mar fuair sé an daingean, chuir sé tairsgint árd isteach agus aththairsgint íseal, dá dteipeadh ceann aca d'eireóchadh leis an gceann eile: tairsgint cúil.

aththarrang: (**aththarrac**) *f.1*. tarrang an dara feacht. Aththarrang an ancaire do chaill í: b'é an dara h-uair aice ag stathadh nó ag baint a h-ancaire é. Ar mh'anam, a Thomáis, go bhfuil aththarrang agat ar do phíp: súrac agus leathshúrac d'iarraidh gail réidh d'fhagháil. B'éigean do deilbh an tighe d'aththarrang mar ná rabhthas sásta leis an ndréacht a bhí aige: deilbh nuadh do dhéanamh. Bain aththarrang as an ngloine seo: ól braon airís aiste. Bead ag aththarrang ar an dtigh a luaithe a's bheidh mo ghnóth déanta agam: ag filleadh air. Milleann sé me bheith ag éisteacht libh ag aththarrang anuas scéalta atá imthighthe lé fada: ag trácht airís. Bí ag aththarrang as an gcúil adhmaid sin go mbír sásta: ag tógaint an méid uair is mian. Tá aththarrang ar airgead aige: tá flúirse dhe aige. Ní h-ag aththarrang bruighne bheidhfeá? ag déanamh troda airís. Shaoileas go raibh an searrach san de dheóil, nách shin é ag aththarrang a mháthar? ghá deól airís. Ná bídh ag coigilt aon nidh tá aththarrang ar lón sa tigh seo: bhur leór-dhóthain. D'iarraidh na gaoithe d'aththarrang do chuaidh an bád ar an bhfochais: d'iarraidh gaoithe do ghabháil sa seóltaibh. Ghom mholadh anois d'iarraidh mo bhuidheachais d'aththarrang: do ghabháil chuige féin airís.

aththruaghach: *a.* truaighmhéileach, mairgeach, brónach. Scéal aththruaghach bás na beirte dreathar in aon lá: brónach duairc. B'aththruaghach nách dtáinig luingeas na Frainnce do chabhair Luimnighe seal beag níos túisce, ní dhéanfí an connradh: budh ró-bhrónach ar fad é. Leig sé air bheith aththruaghach leis an mbaintreabhaigh gur ghéill sí dho a's gur mheall a cuid airgid uaithe: caoinchroidheach, lághachchroidheach, combáidheach. Luigh ar an maide (rámha) san, ná bí aththruaghach air: níl fonn rámhaidheachta ort. Aththruaghach dá ghluaisteán atá sé ná tabharfadh marcaidheacht dom agus slighe go leór aige: doichilleach romham.

aththruagh: *f.2.* ₇ *3.* truagh mhór, brón, mairg, truaghmhéile. Díol aththruagha seadh é ó baineadh an chos de: cúis thruaighmhéile. Nách agat atá an aththruagh dhuit féin ná cabharfadh le duine broideamhail agus gan faic dhá dhéanamh agat: aireach ar eagla duaidh do chur ort féin. Chuirfeadh leanbhaidhe dealbha, lomnochta na gcúlshráideann aththruagh ar do chroidhe: brón trom. Tá snódh na h-aththruagha ort lé buadhairt: cuma bhrónach ar t'aghaidh. Labhras an-dhian leis, rud a bhí tuillte aige, ach tháinig aththruagh agam do agus d'iarras maitheamhnachas air: aithreachas i dtaobh bheith chómh goirgeach.

aththuitim: *b. n-a.* (**aththuiteam** *a.b.*) tuitim airís. Tuitthe i luach go maith do bhí stoc mí ó shoin agus d'aththuiteadar lé seachtmhain: chuaidh a luach i luighead airís. Chuireas ar a chosaibh é ach d'aththuit sé lé n-a laige.

aththuiteam: *f.1.* tuiteam airís. Níor ghoirtigh tuiteam ró-mhór me ach an t-aththuiteam do baineadh asam do briseadh m'asnadhacha: an dara leagadh. Meisceóir salach, barcach ó bheith ag tuiteam 'sag aththuiteam sa lathaigh: tuiteam gan stad.

athuair: *b.2. d-bh.* an dara h-uair, feacht, airís. Thug sé dhá iarracht chun mo bhuailte, an athuair do bhuail sé me: ar an dara h-iarracht. An chéad uair do tháinig sé bhí sé an-mhaol, ach an athuair, bhí sé chómh dána le muic: an dara h-uair. Thugais na cosa uaim an turus so (an uair seo) ach dá bhfaighin-se an athuair ort, bheadh thiar ort: an dara cao ní éireóchadh leat.

atuirse: *b.4.* tuirse ró-mhór, traochtacht. Cuireann do ghiob geab atuirse orm: ciapadh ar mo lúthachaibh. M'atuirse croidhe agus bróin na sean-Ghaedhilgeóiridhe do bheith ag fagháil bháis: cuireann sé buadhairt róthrom orm. Lá dian oibre dob eadh é a chuir atuirse orm: do thraoch m'inchinn maidir lém chorp. "Mo thuairm gurb eólgaisighe na daoine óga 'ná an seandream" – "m'atuirse": is fada ón gceart tu: mo mhairg: fairír.

atúrnae: *f.1.* dligheadóir, fear a thagras cúiseanna i dtigh cúirte. Thabharfadh an fear san cainnt (aighneas) d'atúrnae: níl aon cheal cainnte air. It atúrnae budh cheart duit do bheith: tá oiread aighnis agus argóna agat agus bheadh ag atúrnae.

B

báb: *b.2.* cailín óg, áluinn; bunóc. Is í an bháb agam í: nách áluinn í (seanbhlas). Chonnac báb na gcraobh indé: cailín go mbíonn a hainm anáirde lé háilneacht. Is iomdha báb bhreágh do thriall ón áit seo thar lear: cailínidhe amharcacha. Tá báb aca ó airéir: rugadh leanbh dóibh airéir.

bábán: *f.1.* leanbh áluinn. An bhfeacaidh aonne mo bhábán? déarfadh máthair go ceanamhail i dtaobh a leinbh. Ná buaileadh aonne mo bhábán-sa: mo pheata gleoidhte.

bábánta: *a.* cúthail, maol, ciúin. Nách bábánta an duine é ná druidfeadh isteach: nách cúthail, neamh-dhána é. Ná bí chómh bábánta san, labhair: chómh neamh-chainnteach san, abair rud éigin.

babhta: *4.* iarracht, uain, turus, greas. Bíodh babhta cártaidhe againn: bíodh tamall againn ag imirt ortha. Budh mhaith an babhta ráis é siúd san Daingean an lá do bhuaidh bád Phádraig Uí Chinnéide: greas a cuireadh go dian. An babhta iomarscála is fearr dá bhfeaca, b'idir Haicin-smiot agus an Dr. Rólar é: an iomarbháidh budh dhéine. Tháinig babhta báistighe chómh trom san airéir gur scéidh an abha agus scuab léi na cócaidhe féir: tamall trom, rófhliuch. Trí babhtaidhe do theip ar an bhfear san me do thuigsint, tá sé bodhar agus ní chualaidh sé go soiléir: trí huaire. Bíodh babhta beag rinnce agaibh sara dtéighidh sibh abhaile, má tá an oidhche déidheanach féin: greas, tamall gearr. Tá babhta maith (aimsire) anois ó chonnac é: seal nó tamall fada. Bhíomair 'n-ár seasamh i sraith ag doras na hoifige lé glaodhach orainn, agus do bhí an cléireach chómh mall san gur shaoileas ná tiocfadh mo bhabhta choidhche: m'uain glaoidhte. An iomdha babhta bhuail sé leat anuiridh?: an iomdha uair? Babhtaidhe bhíonn sé ar fóghnamh agus babhtaidhe ná mbíonn: tamallacha go maith, tamallacha gan bheith go maith. Chuir sé babhta mór breóidhteachta dhe anuiridh: bhí sé seal fada breóidhte. Is cuimhin liom daoine d'fheicsint ar thríomhadh bhabhta an chaisleáin: an tríomhadh úrlár anáirde. B'uathbhásach an babhta ólacháin do rinne sé: dob fhada trom an seal do bhí sé ag ól. Bíodh babhta grinn againn ar an bhfear ait sin: bíodh tamall seóidh againn air. Babhta grinn, babhta breóidhteachta, babhta rinnce, babhta oibre, babhta reatha, babhta magaidh, babhta alluis, babhta rothaidheachta.

babhtáil: *b.2.* malartughadh: gleódhtháil: dul trí chéile. Do bhabhtálas mo chapall leis ar a chapall féin agus chúig phúint: do mhalartuigheas: do thugas do ar. Drochbhabhtáil seadh capall ar asal: drochmhalartughadh. Babhtálfad píp leat: tabharfad mo phíp duit ar an bpíp sin agat do thabhairt dom. Tá babhtáil éigin ar siubhal san áit sin: gleódhtháil nó rud éigin go bhfuil gleódh nó cainnt mar gheall air. Bhíos i láthair na babhtála nuair cheannuigh sé an leabhar: bhíos ar an bhfód gur deineadh an margadh ann. Thána ar láthair na babhtála nuair bhuaileadar a chéile: thána ar an bhfód go raibh an t-easaontas ar siubhal ann. Bíonn babhtáil chainnte againn: áiteamh.

bac: *f.1. b.2.* cosc, casadh, suim. Dubhart leis gan bac tharm: dubhart leis leigeant dom agus dom ghnóth. Tugann sé mórán airgid dos na bochtaibh, agus níl a bhac san air: tá sé ar a chumas é do dhéanamh. Níl aon bhac ort dul abhaile anois: níl aon chosc ort dul

abhaile anois. Bír i gcómhnaidhe ag bac liom-sa: bír ag cur isteach orm, nó bír ag cur suime ionam. "Tiocfaidh sé chun cainnte leat" – "níl a bhac san air, cé gur beag dá mhaitheas do é": ní coiscfear é, ach ní bheidh ao'nidh dá bhárr aige. Bhí mo cheann i mbac a uileann aige agus é ag gabháil orm: mo cheann i lúib a láimhe ón dtaobh istigh. Buaileadh i mbaic an mhuiníl me: i gcaol an mhuiníl: buaileadh go dona me: d'fhuilngeas cuid mhaith (ó aon rud). Fuair na Danair i mbaic an mhuiníl é i gcath Chluain Tairbh: go dóighte: do bhí cuimhne aca air.

bacach: *f.1.* duine a bhíos ag bailiughadh déirce, duine gan puinn áirde, duine ná bíonn mórán measa air. Níl ionat ach bacach: duine gan aon mheas air féin. Ní dhéanfadh aonne an rud suarach atá déanta agat ach bacach éigin: duine gan speach. Ná bac bacaigh do chur in aon áit go dteastuigheann daoine meastamhla: rud gan aon deallramh seadh daoine gan tábhacht do chur ar ghnóth tábhachtach. Éist, a bhacaigh, bíodh éifeacht leat: éist, a dhuine gan eolas, bíodh ciall léd ráidhtibh: duine nách fiú cluas do thabhairt do seadh thu. Ní bhfuaireas riamh san dtigh bórdála céadna ach biadh bacaigh: biadh aindeis, gan mórán maitheasa. "Biadh ríogh ruacain, biadh bacaigh báirnigh". Bíonn sé chómh díomhaoin le bacach a chaithfeadh a mhála dhe: dearg-dhíomhaoin, díomhaoin ar fad, ar fad, gan aon ghnóth ná fonn gnótha.

bacach: *a.* lochtach, gan bheith iomlán, easnamhach, gan bheith in ann siubhal go cóir. Rinne sé faoisdin bhacach: faoisdin neamhiomlán, d'fhág sé peacaidhe ar lár gan innsint. Cheannuigh sé ubhla ar an aonach a bhí bacach, lochtach: bhí cuid aca go raibh máchail ortha, lobhtha nó a lithéid. Freagra bacach do fuaireas uaidh: freagra nár shásaimh me. Tá an mion-airgead so bacach agat: níl an oiread agus budh cheart ann, tá easnamh air. Gnóth róbhacach do bhí déanta agat chun an tsaoiste do shásamh: gnóth ná raibh críochnuighthe. Ní fheaca riamh thu ach do ghnóth bacach: gan críochnughadh, gan slacht nó chun deiridh ar shlighe éigin. Tá sé bacach as chois leis ó goirtigheadh é ag imirt caide: ní shiubhalann sé uirthe mar shiubhalann ar an gcois eile.

bacachas: *f.1.* aiste bhacach, cos i gcoisidheacht, slighe nó meón bacaigh, bheith ag lorg déirce. Tá bacachas n-a chromán ó thuit sé: níl an cromán líomhtha soghluaiste mar bhí sar ar theangbhaidh díobháil do. Le bacachas is fearr leis an aicme sin dul: is fearr leó díomhaointeas agus déirc 'ná gnóth agus obair. Tá an bacachas istigh 'n-a gcroidhe: tá an sprionnlaitheacht ó dhúthchas ionta nó go daingean ionta.

bacaighe: *b.4.* aiste bhacach, martruightheacht, "leathcheann", cur-siar. Tá bacaighe orm ag na dathachaibh: táim bacach aca. Bíonn bacaighe éigin i gcómhnaidhe ar an aindeiseóir: bíonn leathcheann nó cur-siar nó iomard air. Tá sméid bhacaighe ann: céim bhacach. Ní ghéillfeadh sé do bhacaighe aonne: budh chuma leis cad bheadh ar aonne, ní ghoillfeadh sé air. Cad í do bhacaighe anois? cad é do ghearán? Nár chuiridh Dia aon bhacaighe ar na daoinibh: nár chuiridh Sé aon bhuairt ortha. Ní bhacaighe ach maitheas mo chabhair: is fearr me ann 'ná as. Ní bacaighe dhúinn tú do bheith in aonfheacht linn: ní cur siar ná duadh orainn thu. Gach aonne agus a bhacaighe féin air sa tsaoghal so: níl aonne gan buairt éigin air.

bacaim: *br. 1.* coiscim, cuirim isteach air. "Ná bac liom": ná cuir isteach orm, leig dom ar mo bhuille féin. "Bacfad agus leat": beidh m'aire ort, cad n-a thaobh ná beadh? Ná bac leis an té ná bacann leat: ná cuir aon tsuim chun a mhaitheasa san té ná cuireann aon tsuim ionat chun do mhaitheasa, nó an té a leigeas duit, gan buaidhreamh do chur ort, leig do. Seachain tú féin ar an madra san nó bacfaidh sé leat: tabhair aire dhuit féin air nó ionnsóchaidh sé thú! B'fhearr duit gan é do bhac: gan aon bhaint do bheith agat leis. Leagadh indiugh thu, a bhuachaill bhig, ach ná bac san, tiocfaidh an lá ort ná leagfaidh aonne thu: ná cuireadh an leagadh so buairt ort, etc. Do bhacas air teacht: choisceas é ar theacht. Níl aonne ag bac chugham ná uaim annso: ní chuireann aonne isteach orm annso, nó ní bhíonn triall aonne orm annso. Feasda, ná bac tharat me: as so amach fan uaim. Is maith dhuit go mbacaim leat: mara mbeadh me bheith chómh suimeamhail cúramach id thaobh bheadh thiar ort. Cé bac lem pheata? cé bhí ag déanamh buartha dhom pheata? Níor bhac aonne leis an aindeiseóir le linn a ghádtair, agus bhí a rian air: ní bhfuair sé cabhair ná cóngamh ó aonne nuair theastuigh sé uaidh agus bhí an tinn air dá chionn san. Ná bac lé drochaimsir gan clúdach maith do bheith ort: is conntabharthach an rud í. Ná bac áit fhliuch do dhathachaibh: ní áit fhliuch a réidhtigheann lé duine go mbíonn dathacha air. Ná bac tu féin an lá chailleann na cosa ort: ní mór is fiú thu an uair theipeann an choisidheacht ort.

bachall: *f.1.* bata, cor i mbata, srón míochúmtha, cuach ghruaige. Bhuail sé anuas an tsráid agus bachall n-a láimh aige: bata, trom, láidir. Féach an bachall sróna atá air: féach an tsrón mhór thaithigeach atá air. Tá bachall sa mhaide sin: tá cor ann. An bhfeacaís cailín na mbachall ndubh indiugh? an bhfeacaís an cailín go bhfuil an folt cas uirthe?

bachallach: *a.* cas, snadhmach. Tá folt bachallach uirthe: tá a cuid gruaige cas, nó neamhréidhtighthe.

bacán: *f.1.* sádh i lidhe dorais, uile air, go mbíonn tuisle an dorais crochta air. Bain an cómhla dá bacánaibh: tóg anuas an chómhla. Táir ded bhacánaibh! táir amugha go mór.

bacadghail: *b.2.* ag siubhal bacach, nó go mall, nó go trom ar nós seanduine. Níl mórán bacadghala ann anois ag an aois: níl mórán lútha ann. Bíonn sé ag bacadghail oibre: ag déanamh beagáinín oibre. Tá leanbhaidhe ag bacadghail san uisce: ag tarang a gcos tríd an uisce d'iarraidh siubhail nuair bheadh an t-uisce suas os chionn a n-alt. Bacadghail gan mhaith seadh capall agus trucail seachas gluaisteán nuair bheadh deabhadh ar dhuine: gluaiseacht ró-mhall seadh í. Connus tá an saoghal agat? ag bacadghail liom: ag déanamh ann as: gan ao'nidh lé maoidheamh agam.

bacla: *b.5.* gabhál, an méid a hiomchartar ar an ucht lé teannta na ngéag. An bhfuil airgead aca súd? – tá, bacla: cuid mhór. Tháinig sé isteach agus bacla leabhar ar iomchar aige: an méid dob fhéidir leis d'iomchar n-a ghéagaibh. Leanbh i mbaclain a máthar dob eadh nuair bhíos im fhear: leanbh an-óg. Nuair fhilleas mo ghéaga uirthe fuaireas lán mo bhaclan innte!: oiread is b'fhéidir lém ghéagaibh dul tímcheall air. Tá lán do bhaclan de gharsún ann: garsún déanta, córach seadh é. D'árduigh sé leis do chasóg ar a bhaclain: d'imthigh sé agus í aige i lúib a ghéige. Bacla mhóna, bacla fhéir. D'iomcharóchainn ar

mo bhaclain thu: tá cion mo chroidhe agam ort. Bhuail sé an leabhar fé n-a bhaclain: chuir sé an leabhar in a oscail chuige.

baclámh: *b.2.* lámh ghoirtighthe. Tá sé ar bhacláimh lé fada bhliadhantaibh: tá lámh leis as treó lé fada riamh. Baclámh seadh an fear san: duine go bhfuil máchail ar láimh leis seadh é.

baclámhach: *a.* do bheith goirtighthe nó ar míthreóir as láimh do dhuine. Ná bí chómh baclámhach san: ná bí chómh stangtha as do ghéagaibh: bíodh breis anama ionta.

bacóid: *b.2.* géarchúineach. Cosabacóid, truslóg a's léim: éirghe ar chois ag marc áirighthe, an chos san do lúbadh siar agus léimeadh uirthe, éirghe dhi airís agus teacht anuas ar an gcois eile (sid í an truslóg), éirghe airís agus teacht anuas ar an dá chois in aonfheacht. Sin léim chosabacóide.

bacóideach: *a.* géarchúineach. Seólta bacóideacha, seólta bioracha.

bádh: *b.3.* gabhal mór farraige, bolg mór farraige, sraith, mar bheadh tuighe dhá chur ar cheann tighe nó clocha ar fhalla, clocha nó fóid ar chlaidhe. Aistrigh do dréimire anois ó tá an bhádh tuighe sin críochnuighthe agat: an tsraith anuas ó bhuaic an dín go búndalaigh. Cuir gach re bádh fhód agus chloch ar an gclaidhe: sraith chloch agus annsan sraith fód anuas uirthe. Is mór an bhádh atá idir Oileáin Árainn agus Gaillimh: farraige fhairsing.

bádhadh: *f.* beo do mhúchadh in uisce, fé uisce, uisce dhá chur i ndigh mhearbhaill, i mbainne, nó in aon leann chun a laguighthe, cur as mar solas, cailleamhaint mar luinge, múchadh leitreach (gramadach). Is mór an bádhadh atá fachta agat: tá fliuchadh mór fachta agat, ó bháistigh nó ó fharraige. Tá an charraig báidhte anois: clúduighthe ag an dtaoide. Seachain an bád, tá cloch bháidhte annso in áit éigin: fochais nó cloch go bhfuil uisce uirthe. Ná bí ag bádhadh mo bheathuisce: ná bí ag cur an iomad uisce ann agus dhá lagughadh, is fearr liom gan truailliughadh é. Seán báidhte: beathuisce, bainne nó té a bhíos laitighthe lé n-a iomad uisce. Deineadh bádhadh choinneal air: do díbreadh as an eaglais. Do léigheadh an choinneal bháidhte air: díbreadh é as an eaglais. Sin poll go mbíodh líon ar bádhadh ann san tseanaimsir: bhíodh líon ar bogadh ann.

bádhaim: *br. 1.* múchaim, bainim an anál de, sádhaim go doimhin fé uisce, nó isteach in aon rud, ceilim, cuirim i bhfolach. Bádhfaidh an eaglais an choinneal ort mara leasuighir do bheatha. Do bádhadh an bád agus a raibh innte san áit seo: chuir an t-uisce ar lár í agus na fir chun báis. Chuir sé an tuagh báidhte n-a cheann: ceangailte isteach go doimhin. Bádhann tú le cainnt me: tá an oiread san cainnte agat go bhfuilir ag baint m'anáile dhíom. Bádhann an t-éan a cheann fé n-a sciathán nuair bhíonn sé n-a chodladh. Do bháidh an leanbh a cheann in ucht a mháthar: do luigh sé a ceann (go ceanamhail) isteach lé n-a hucht.

badhbaire: (**badhbóir**) *f.4.* duine a bhíos ag eascuinghe nó ag mallughadh de ghnáth, go mórmhór bean. Is í an badhbaire mná í: bean go bhfuil droichbhéal uirthe,

tarcuisneamhail neamhnáireach. Éist! a bhádhbaire, níl tor madra agam ort: is cuma liom cad dheineann do lithéid de dhuine gan náire n-a bhéal. Seanfhocal seadh é – "gheibheann badhbaire a guidhe go minic agus ní ar mhaithe léi féin é".

badhbaireacht: *b.3.* chaith sí an lá ag badhbaireacht orm: ag tabhairt drochchainnte orm, ag mallachtughadh orm.

badhbóir: *f.3.* feic **badhbaire**

badhbóireacht: *b.3.* feic **badhbaireacht**

bádóir: *f.3.* fear báid. Gaoth! a bhádóir: seachain, bíodh do shúil anáirde: tá rud éigin chughat gur móide ar a ghlór ná ar a dhíobháil.

bagairt: *b.3.* fógradh ag cur eagla amach, sméideadh, tiomáint (ainmhidhthe), ag crapadh súl, dubhshlán. Tá an fear so ag bagairt troda orm ó mhaidean: tá sé ghá mhaoidheamh go ndéanfaidh sé troid liom. Ná bí choidhche ag bagairt dlighe ar dhaoinibh bochta: ghá rádh a's ghá chur in iúil go raighir chun dlighe leo. Níor ghádh dhuit ach bagairt ar an scaothaire sin nuair stadfadh sé: níor ghádh dhuit ach a rádh go ndéanfá rud éigin leis nuair stadfadh se. Cé bhí ag bagairt an chapaill? cé bhí ag tiomáint an chapaill. Ná bí ag bagairt anall air nó tiocfaidh sé: ná bí ag sméideadh air, nó ag déanamh cómharthaidhe dho. Bí ag bagairt leat: lean leat. Mise bhí ag bagairt an ghluaisteáin nuair thárlaidh an chinneamhaint: mise bhí ag tiomáint an ghluaisteáin. Fear mór bagartha seadh thusa, ní fheaca riamh ná go rabhais ag maoidheamh go ndéanfá so súd agus ní ghnidhir faic! Dubhairt sé liom bagairt i leathtaoibh ort: glaodhach i leathtaoibh ort nó cómharthaidhe do dhéanamh duit teacht i leath-taoibh. Níor ghádh dhi ach bagairt air nuair leanfadh sé ar fuaid an domhain í: sméideadh amháin air. Saoiste diaill dob eadh é bhíodh ag bagairt na bhfear chun oibre: a bhíodh ghá ngríosadh. Is beag an bhagairt d'iarrfainn in am a's go dtiocfainn: ní mór an tafant budh ghádh (mar bhí fonn orm). Bagairt na taoide a's na gaoithe in aonfheacht do thug an siubhal mór den luing: tiomáint na taoide etc. Tháinig bagairt cánach orm indiugh: fuaireas órdughadh an cháin d'íoc.

bagarthach: *a.* maoidhteach, fógarthach, fonnmhar chun achrainn. Maidean bhagarthach seadh í: maidean go bhfuil sé de chuma uirthe go n-atharóchaidh an aimsir ar olcas. Chuir díot an clódh bagarthach: an chuma troda atá ort. Is bagarthach an tsúil atá aice: súil is cóir do sheachaint. Is maith an maide bagarthach atá agat: an maide cosanta. Ná bí bagarthach: ná bíodh cainnt agat ag cur eagla amach.

bagraim: *br.* fógraim, deinim cómhartha dho, sméidim ar. Bagraim ort mo radharc d'fhágaint: tugaim fógra dhuit. Bhagair sé orm (lé n-a mhéir, lé n-a shúil etc.) teacht chuige: do rinne sé cómhartha dhom. Bhagair sé a shúil orm agus d'aithnigheas air go raibh cártaidhe maithe aige: d'aithnigheas ar a luighe súl. Bagróchad liom go mall anois: bead ag gluaiseacht go suaimhneasach. Cé bhagróchaidh an gluaisteán so? cé thiomáinfidh. Do bhagair an tuile roimpe na tighthe: do scuab. Bagair tairnge i gcrúdh an chapaill: tiomáin. Ní mór an léighean do bhagair sé id cheann: do chuir sé isteach id cheann. Bagair ar an leanbh ón dteine: fógair air fanamhaint ón dteine.

báidh: *b.2.* grádh; cion, muinnteardhas, daonnacht, léidh, braithstint cheanamhail. Tá báidh agam leat, sin é fáth gur labhras ar do shon: braithstint cheanamhail agam duit. Is beag é mo bháidh leis an té ná bíonn fial: is beag é mo chion air. Níl aon bháidh liom, agus, mar sin, níor bh'aon mhaith dhom labhairt duit: níl aon léidh liom etc. Dá bhrigh go bhfuil báidh ann tugann sé mórán ar son na mbocht: carthanacht, daonnacht. Is fada riamh go raibh aon bháidh idir an dá thigh: muinnteardhas.

báidheamhail: *a.* ceanamhail, grádhmhar, muinnteardha. Bí báidheamhail liom: muinnteardha. Daoine báidheamhla seadh muinntear na hÉireann, bíonn fáilte aca roim dhaoinibh iasachta: daoine grádhmhara seadh iad. Labhair sé báidheamhail go maith liom, chuir sé tuairisc mo líon tighe, ghá rádh go raibh súil aige go rabhamair go léir go maith: carthanach, muinnteardha. Dá bháidheamhla bhíodar lé chéile do thuiteadar amach: dá mhuinnteardha etc.

báidhte: *a.* múchta, fé loch nó fé uisce. Seán báidhte: beathuisce go mbíonn an iomad uisce curtha ann a laguigheas go mór é. Ní hé seo Seán báidhte agat: braon é seo go bhfuil speach ann. Táir báidhte ag an gcioth: fliuch go croiceann. Cloch bháidhte: fochas: carraig fé loch. Chaith sé a shaoghal báidhte i bpóit: chaith sé a shaoghal ag ól go trom. Tá m'athair báidhte i mbliadhantaibh: tá aos mór age m'athair. "Tá an saoghal báidhte indiugh" – deirtear lé lá dílean. Talamh bháidhte seadh é: talamh go bhfuil mórán uisce in a uachtar. Fear báidhte etc.

báidhteach: *a.* mílítheach, béalanáirde mar cártaidhe imeartha, claoidhteach. Nách báidhteach an dath atá ort: nách mílítheach atáir. Fear dob eadh é go raibh aghaidh bháidhteach air: aghaidh bhán, gan an dath nádúrdha. Tháinig dath báidhteach ar an saighdiúir nuair deineadh bráighe de: dath an pháipéir. Suaidh na cártaidhe airís, tá cíonáth triuich báidhteach: cuir trí chéile airís iad, tá béal cíonáith triuich anáirde ameasc na gcártaidhe eile go bhfuil a mbéal fútha. Sin spéir ghránda bháidhteach thiar: spéir bhán ná fuil rómhaith lé hamharc.

báidhteacht: *b.3.* dáil bhán, mílítheach. Chuir rud éigin báidhteacht n-a haghaidh: chuir rud éigin dath mílítheach, bán n-a haghaidh. Ní fhéadfainn siubhal treasna na talmhan lé n-a bháidhteacht: toisc é bheith fliuch, aindeis. Bean bhreágh seadh í, cé go bhfuil báidhteacht n-a haghaidh: go bhfuil báine innte.

bail: *b.2.* buaidh, rath, stáid, dáil, maitheas, goilleamhaint, toradh. Is olc an bhail ort gur briseadh do chos: is mór an díobháil duit é. B'olc an bhail air gur cailleadh a athair chómh hóg san: de dheascaibh báis a athar ní raibh an chaoi chéadna aige. Is maith an bhail ort airgead: is maith an stáid agat é, is anmhaith dhuit é. Bail ó Dhia ort: beannacht ó Dhia ort, maitheas ó Dhia ort. Cad é an bhail atá ort?: cad é do dháil? connus tá agat? Cad é an bhail atá ar do phóca? connus tá ag do phóca i dtaobh airgid? Obair gan bhail gan bhuidheachas seadh í seo: obair gan ao'nidh dá bárr, ná aon bhuidheachas as í do dhéanamh. Tiocfaidh mo chuid oibre chun baile lá éigin: tiocfaidh rud éigin dá bárr. Níl puinn baile air dá mhéid a bhí aige uair amháin: níl sé go maith as, nó níl sé róshláinteamhail. Sé do bhail leigeant domsa: is é rud is feárr dhuitse gan bac liomsa. Is é

do bhail dul lé dochtúireacht: is é rud is fearr d'fhéadfá do dhéanamh é. Bail na ndaoine mo dhualgas: maitheas na ndaoine atá orm do dhéanamh. Sé bail an scéil stad: is fearr gan leanamhaint den scéal nó den gcúrsa. Cuir bail ar an obair sin: feabhasuigh í. Thug sé bail na truaighe orm.

b'áil: feic an focal "áil"

bailbhe: *b.4.* ceal comhachta labhartha i gceart. Tá bailbhe orm ó rugadh me: ní féidir liom labhairt ró-léir, ní féidir liom mo chainnte do chur díom go nádúrdha. An bailbhe atá ort? an ceal fonn cainnte atá ort? Ní lé n-a bhailbhe nár chuir sé é féin in iúil: ní lé n-a chiúnas nár chualaidh na daoine é.

baile: *f.4.* áit chómhnaidhthe; scata tighthe muinntire i bhfochair a chéile. Ag baile: tá an fear ag baile: tá sé n-a thigh féin. As baile: in ait éigin seachas "ag baile". Bhíos as baile ar feadh chúig mbliadhan: bhíos i gcéin. Bhíodar as baile nuair chuadhas go dtín tigh: ní raibh aonne sa tigh. Ó bhaile: achar ón ait go bhfuiltear nó ag trácht air. An fada ó bhaile bheithfeá lá siubhail?: cad é an t-achar? Tá an gluaisteán i bhfad ó bhaile anois, mar tá sé i bhfad ar an mbóthar: tamall fada ón áit seo. Níor thugais chun baile leat bheith chómh maith d'fhear liomsa: ní tháinig sé ar an soaghal leat. Abhaile leat: imthigh chun do thighe féin. Amuigh a's i mbaile: in achar agus i gcómhgar. Amuigh a's i mbaile tá earraidhe andhaor fé láthair: i ngach áit i ngiorracht dúinn agus i bhfad uainn. Chuaidh gach buille abhaile air: do luigh gach buille go trom air. Cuir uait smaointe ar dhul thar lear agus fan cois baile: in aice na háite go bhfuiltear. Déin do bhaile den dtigh seo: bí chómh dána, buanamhail ar an dtigh seo agus dhéanfá ar do thigh féin. Is báidheamhail iad lucht aon bhaile: is muinnteardha iad na daoine a chomhnuigheas ar an mbaile gcéadna tréis mórán machtnaimh thugas t'ainm chun baile liom (thugas t'ainm abhaile liom): tréis bheith ag cuimhneamh ar feadh tamaill mahith do chuimhnigheas ar t'ainm. Tá radharc i bhfad ó bhaile agam as so: is féidir liom rudaidhe atá tamall fada as so d'fheicsint. Baile i bhfad siar seadh é: tá sé in áit an-iargcúlta ar fad, ar fad. Baile i bhfad síos: baile i bhfad as so. Cómhnuigheann sé lámh lé baile agam: cómhnuigheann sé cómhgarach dom. Sid é mo bhaile dúthchais: sid é an áit n-ar saoghaluigheadh. Chuireas an tairnge abhaile san adhmad: chuireas go doimhin san adhmad. An bhfuil mórán bó aige? tá, lán an bhaile: mórchuid. Lán an bhaile bháin. Tá lán an bhaile bhain de bhuaibh aca: anchuid Éireann. Baile cuain: baile cois farraige. Baile cuain seadh Gaillimh. Baile puirt: baile daingean, láidir. Do réab na Gearmánaigh a mbailte púirt lé n-a ngunnaidhibh móra: a ndúnta. Sráidbhaile: bailtín nách mbíonn ann ach sráid nó dho ann. "Cá bhfuil an ghaoth?" – "ar fuaid an bhaile go léir" – sin freagra grod ar dhuine a bhíos róleisceamhail chun buailte amach. Chuireas mo chómhradh abhaile air: do ghoill mo chuid cainnte air.

baileach: *a.* aireach, cruinn, rathmhar, cnuaisceamhnach, go hiomlán, slán, i dteannta a chéile. Beir leat an t-airgead go baileach: go cruinn, é ar fad. Bí baileach ar do ghnóth: bí aireach. Bean bhaileach tímcheall an tighe seadh í: bean a ghnidheas a gnóth tighe go glan, slachtmhar, gan aon earball air. Thug sé cainnt bhaileach uaidh: do labhair sé go gasta ciallmhar. Sin iad do leabhartha go baileach agat: go hiomlán, curtha lé chéile in eagar cheart. An duine fial é sin? tá sé baileach go leór: tá sé sprionnlaithe nách mór. Eolas baileach atá ins an leabhar san: tá an méid eólais atá gan locht.

bailighim: *br. 2.* cruinighim, beirim lé chéile, críochnuighim, bréagaim. Do bhailigheas ón bpáipéar nách bhfuil an saoghal rómhaith: d'fhoghlumuigheas. Más féidir leat é bailigh uaidh i ngan fhios do cár chuir sé an gunna i bhfolach: le clisteacht faigh amach uaidh cár chuir sé é. Ní bhaileóchair go deo aon airgead: ní chuirfir lé chéile, i dtaisce choidhche, airgead. Bailigh leat go tapaidh: imthigh leat gan mhoill. Bailigh leat isteach an duine buile sin: cuir air (nó bréag é) dul isteach in aonfheacht leat. Do bhailigh an chneadh: tháinig othar san áit thinn. Baileóchaidh sé thuaidh annsan ort, tá eagla orm: tiocfaidh cómharthaidhe (mar scamaill, gaoth, báisteach) drochaimsire ann. Bailigheann braon in áit go dtéigheann dealg: tagann othar ann. Bailigh leat a bhfaighir: tóg leat gach ao'nidh is féidir leat d'fhagháil. Bailighim ó thigh go tigh: loirgim déirc ó thigh go tigh.

bailiughadh: cruinniughadh, ag déanamh cnuaisciúin, dáil daoine, suim (airgid), lorg déirce. Bíonn bailiughadh mór daoine ag éisteacht lé lucht poilitidheachta. Chaith sé na bliadhanta tar lear ag bailiughadh: tamall fada ag cur airgid lé chéile. Do lannsáil an dochtúir an bailiughadh a bhí n-a mhéir: an t-othar a bhí innte. Chonnac an bailiughadh theas sa spéir agus d'aithnigheas go raibh drochaimsir ag teacht: scamaill bhagarthacha tagtha lé chéile. Is mór an bailiughadh atá sa bhannc aige: tá cuid mhór airgid aige ann. Lucht bailighthe dob eadh iad: daoine a bhí ag lorg a ndéirce. Fear bailighthe scéal: fear a bhíos ag lorg scéal. Bíonn sé ag bailiughadh chun tighe de ló agus d'oidhche: bíonn sé ag soláthar don dtigh. Bímís ag bailiughadh linn nó beam déidheanach: bímís ag gluaiseacht ar ár dtriall. Chuireas iachall air bailiughadh leis: chuireas chun siubhail é dá aindeóin. Bhíos d'iarraidh é do bhailiughadh liom nuair chonnac an namha ag déanamh air: d'iarraidh é do bhreith ó n-a namhaid. B'fhearr dhuit bheith ag bailiughadh leat fad a's bhír slán: imtheacht ar eagla do ghoirtighthe do leas. Do bhailigh an oidhche orainn ann sar ar fhágamair: tháinig an oidhche orainn. Thugas bailiughadh mo shaoghail ar an dtigh sin: thugas an méid a bhí curtha lé chéile agam air. Beagbhailiughadh bhí ar an aonach: fíorbheagán daoine bhí ann.

baill-chreathach: *a.* creathánach i ngéagaibh, go mór trí chéile. Táim baill-chreathach ón bhfuacht: tá mo bhaill (mo chosa agus mo ghéaga) ar crith. Ná bí chómh baill-chreathach san roim an bhfear san, ní chuirfidh sé méar ort: ná bí chómh heaglach san.

baill-chrith: *f.3.* creathán i mballaibh, eagla mór, suaidhteacht lé himshníomh. Ná cuir ar baill-chrith me lé scéal chómh gráineamhail leis sin: ná cuir eagla orm léd scéal. Fuacht chómh mór san dob eadh é gur chuir sé baill-chrith orm: gur chuir sé mo bhaill ag luascadh. Níl aon bhaill-chrith orm tabhairt fé: níl aon mhío-fhonn orm lé scáinteacht.

báille: *f.4.* feadhmanach síothchána, fó-mhaor. "Cíos do bháille nó biadh do leanbh", deirtear lé haon nidh a bhíos géibhineach. Budh dhóigh leat air go raibh órdughadh báille aige bhí sé chómh dána san, deirtear lé duine go mbíonn caráiste aige gan ughdarás. Is measa dhom chugham thu 'ná báille: táir níos déine orm 'ná mar bheadh báille.

báin: *b.2.* aon bhonn airgid báin mar réal, nó scilling, etc. Bhuadhas an cluiche (cártaidhe) agus fágann san dhá phingin sa bháin me. Chuir an bháin ar an gconntabhairt agus glaoidh ar an ndigh: chuir an bonn bán ar an gconntabhairt.

báine: *b.4.* gealas, finne; stáid talmhan imthighthe gan cur; mire, buile, ceal meabhrach. Lé báine an lae ní raigheadh aon iasc 'on líon mar chídhidís é: bhí an t-uisce chómh geal san etc. D'aithneófá ar a mbáine gur den dtreibh chéadna iad: dréir a bhfinne b'fhuraist aithint go raibh an dúthchas céadna ionta. Talamh láidir seadh é sin agus ní hiongadh é mar sin é deir a bháine leis: an fhaid atá sé bán (gan saothrughadh, gan cur). Tá báine ort, a bhuachaill, dul ar snámh san dtaoide láidir sin: tá mire ort, táir as do mheabhair, níl aon chiall cheart agat. D'imthigh sí lé báine ar chlos di gur bádhadh a beirt mhac in aonfheacht: chaill sí a ciall, do rinne gealt di. Níl ann ach báine dhuit é do dhéanamh: díthcéille mhór dhuit seadh é.

báineacht: *b.3.* gealas, finne. Tá báineacht it aghaidh, an bhfuilir breóidhte?: tá dath bán ar t'aghaidh. Thugas fé ndeara báineacht na ndaoine ón dtír úd nuair bhíos san Oileán Úr: a bhfinne. Tá báineacht san éadach: tá síogaidhe bána ann.

bainnean: *a.* ag baint lé mnaoi. Bean bhaineann go maith seadh í: bean chaiseamhail seadh í. Madra baineann: saigh, nó an ghné mhadra go mbeadh coileáin aige.

bainneanach: *b.2.* bean, nó ainmhidhe bainnean. Bainneanach bhinnghlórach dob eadh í: bean dob eadh í go raibh guth bhinn aice. Bainneanach mhaordha: bean an-áluinn. Bainneanach ráidhteach: bean go mbíonn an iomad cainnte aice.

báineas: feic **báineacht**

báinidhe: *f.4.* gomh, "an t-olc". Tá báinidhe ar an madra: tá an "t-olc" air, tá conach air.

bainim: *br. 1.* tógaim de, tógaim de lé neart, teascaim, tóchaim, rómharaim, tógaim ó, luigheaduighim, marbhuighim, claoidhim, sroichim, saothruighim, gríosuighim, goinim. Bain díot do chasóg: tóg díot do chasóg, bain díot. Tóg díot do chuid éadaigh (sid é contrárdha cuir ort). Tá an bata san ró-reamhar, bain de: snoigh é lé sciain nó a lithéid, éadtromuigh é. Baineadh a chuid airgid de agus é n-a chodladh: goideadh uaidh é. Bhain an gabhar an choirt den gcrann: scrios sé í. Cad do bhain díot agus do lámh do chur ar an iarann te sin? cad chuir amugha chómh mór san thu? Ní bhainfeadh aonne púnt díot as na leighchidhibh bróg san ach cladhaire: ní chuirfeadh aonne an méid sin luach ort do thabhairt ortha. Cad bhainfeá dhíom as chulaith éadaigh do dhéanamh dom?: cad é an méid airgid a shásóchadh thu as an gculaith? Dá fhaid atá Sasana ag gabháil d'Éirinn ní féidir léi aon cheart do bhaint dínn: ní féidir léi sinn do riar dréir mar budh mhaith linn. Baineann an feirmeóir na huain de dheól nuair thógann sé ós na caoiribh iad agus nách féidir leó bheith ag ól bainne a máithreach. Bainfead sásamh díot as mo mhadra do bhualadh: déanfad rud éigin leat a bhéarfas sásamh dom as an méid atá déanta agat lém mhadra. Do bhaineas póg di: sciobas póg uaithe dá haindeóin. Do bhain an ghaoth dem chosaibh me: do leag an ghaoth me lé n-a fuinneamh. Ní mór a bhainfidh sé dhíot pingin do thabhairt don mbacach: ní bheidh mórán caillte agat leis: ní mórán as do phóca é. Cad bhainfeadh sé dhíot dul isteach go dtín bhfear úd agus a rádh leis go dtiocfad ambáireach: cad bheadh caillte agat leis, cad é an mhoill do chuirfeadh sé ort? Chonnac ag baint de go maith é: ag taisdeal go mear, tapaidh. Bí ag baint díot faid bheidh an lá agat: bí ag cur

díot ag gluaiseacht go tapaidh. Bain amach an tigh go mear: téir fé dhéin do thighe go tapaidh. “Tá mo hata agat, t’r’om é”, “bain amach é má fhéadair”: tóg uaim é lé neart. A dhochtúir, bain amach fiacal dom, tá tinneas an diaill innte: staith an fhiacal as mo chorrán. Bain amach an chathaoir roim aonne eile má tá sé ionat: sroich an chathaoir etc. Cé hé an chéad duine go bhfuil eólas againn air do bhain amach an tOileán Úr? cé hé an chéad duine do shroich é? Bain na prátaidhe: rómhar iad, tóch iad. Bain an mhóin: gearraidh an mhóin. Bain na clocha as an gcoiréal: tóg iad le neart. Ná bain me: ná gríosuigh me. Ná bain chun feirge me: ná déin nó ná habair aon rud do chuirfeadh fearg orm. Ná bain fén bhfalla san: ná tóg aon rud ó n-a bhun. Bain fé d’fhéachaint cad déarfadh sé: gríosuigh é le cainnt d’fhéachaint cad tá n-a aigne. Baineann an ghaoth an fharraige: árduigheann an ghaoth í. Baineadh me lé sleamhaineacht na háite: chailleas mo sheasamh. Baineadh me nuair chuala iad ag cúlchainnt ar mo charaid: cuireadh fearg orm. Do bhain an ghaoth me: thóg sí ó thalamh me. Baineadh an tigh as a mháithreachaibh: stracadh ón bhfotha é. Bain an croiceann den ngirrfhiadh san: scar an seithe leis an gcorp. Baineann a chuid ceisteann mo chiall díom: ní thuigim iad nó má thuigim ciapann siad me: b’fhearr liom gan iad do chlos. Bainid as chómh maith agus is féidir leo: mairid chomh maith agus is féidir leo. Ná bain díom faid bhead ag gabháil den mbiadh: ná cuir isteach orm faid bhead ag itheadh. Bím ag gabháil den saoghal: bím ag obair ar mo dhícheall in aghaidh gach cruadhtain. Cad bhain an siopadóir díot as na brógaibh sin: cad é an méid airgid dob éigean duit do thabhairt do ortha? Baintear an olann den gcaoire lé deimheas: bearrtar í etc. Ní bhaineann a gcuid cúlchainnte codladh na hoidhche díom: ní chuirim aon tsuim ionta lé luighead mo mheasa nó mo neamhspleáchaighe ortha. Baineann mo bhean mo shaoghal agus mo shláinte dhíom ag lorg airgid orm chun éadaigh in aghaidh an lae: clipeann sí agus ciapann sí me. Bhain an charraig an nadhbhóg díom; bhain an oidhche an cnoc díom: do ráinig an charraig idir me agus an nadhbhóg agus mar sin chailleas radharc uirthe. Lé doirche na hoidhche mór b’fhéidir liom an cnoc d’fheicsint. Bain an clog san: prioc é, nó buail é, nó corruigh é go ndéinidh sé glór. Baineadh de chleitidhibh Shasana go maith le linn an chogaidh mhór: umhaluigheadh í: sara raibh an cogadh thart ní raibh sí chómh tóirtéiseach agus bhí sí roim an gcogadh. Bain den luas nó leagfair duine éigin: maoluigh an siubhal. Bain den meas atá fút: ná déin an oiread luais, ná bí chómh tóirtéiseach. An fada bhainis de ag obair ar an monchra san? Níor bhaineas ach mí nó dhó as: ní raibh obair agam ann ach an fhaid sin. An bhfuil a lán airgid agat? tá oiread agam, dar liom, agus go mbainfead deich mbliadhna as: oiread agus chothóchaidh me ar feadh na haimsire sin. Sin culaith go mbainfir bliadhain di ach bheith aireach uirthe: caithfidh sí bliadhain sarar gádh dhuit ceann eile d’fhagháil. Baineadh an ceann de: díthcheannuigheadh é. Cad tá ag baint díot ná fanfad socair: cad tá ag déanamh buartha dhuit ná fanfad ciúin? Bainim lé muinntir Mhurchadha: is díobh san me. Cér díobh thu? cad is sloinneadh dhuit? De dhaoinibh maithe seadh é: baineann sé le dream galánta. Cad leis go mbaineann an eochair seo? cad é an glas nó nidh eile gur ceart í bheith n-a chóir. Ná bain liom, tá olc orm chughat: ná cuir isteach orm: ná cuir méar orm, ná bac me. Baineann iallacha lé bróig, baineann adhastar le capall, baineann rothanna lé trucail, baineann conntabhairt leis an bhfarraige, baineann féile lé hÉireannach, baineann áilneacht le hÉireannach mná, baineann achrann lé hólachán, baineann fuacht leis an ngeimhreadh, baineann an lúidín leis an láimh, baineann an tsrón agus na súile agus na cluasanna leis an gceann: téidheann le, is dual do bheith ins an áit sin nó ag an nduine nó rud san: leanann. Bainim leó súd: is díobh me, tá gaol agam leó: is é m’ionad do bheith n-

a measc. Cé leis go mbaineann an scian so? cé hé gur leis í? cé hé an duine go bhfuil buanacht aige uirthe? Go dtugaidh Dia cabhair do gach n-aon a bhaineas linn: gach duine go bhfuil gaol againn leó. Baineann sé lé deallramh mara mbeadh ceal bídh do bheith ar an nGearmáin ná buaidhfí uirthe chómh bog: is an-chosamhail dá mbeadh biadh aca. Sin fear ná feadair cad bhaineann lé macántacht: cladhaire ceart seadh é. Ná bain leis an nguna, tá sé ró-chonnthabharthach: ná cuir do lámh air: ná teangbhaidh leis. Scaoil thart an rud nách mbaineann leat: ná bac lé haon rud nách bhfuil buanacht agat air. Bainim amach: sroichim, saothruighim, sealbhuighim. Bhítheas ar a thóir lé linn an eirighthe agus bhain sé amach an tOileán Úr dá n-aindeóin: do shroich sé an t-Oileán Úr gan bhuidheachas dhóibh. Ní rómhaith do bhain sé amach (a bheatha): is olc do shaothruigh sé a bheatha. Baineann an chléir amach go maith i gcómhnaidhe: bíonn saoghal maith aca ach, baineann an chléir amach an tsraith gan dlighe: sroicheann siad (gheibheann siad) an tsraith ón bpobal. Bhain sé amach an talamh budh le n-a shin-seanathar: ghnóthuigh sé trí dhlighe nó a lithéid. Bain amach lasán as an mbosca agus las é: tóg amach ceann. Bain as do ghéagaibh é agus ná bí ag braith ormsa: oibrigh léd ghéagaibh féin (cuir duadh ort féin). Bhíodar ag cainnt ort, id choinnibh, bhaineadar uait, dar leo: do mhasluigheadar do cháil. Bhainis as mo bhéal é: bhíos díreach ar tí é do rádh nuair dubhrais é. Bain as na cosaibh, táthar id dhiaidh: déin an méid reatha atá id chosaibh. Bain amach do cheart: faigh do cheart lé neart nó tagairt. Bainim do: tárluigheann do. Is iongtach flaitheamhail na daoine iad tréis ar bhain dóibh: tréis ar thárluigh go haindeis dóibh. Bainim ó: tógaim ó, meallaim ó. Bain a thuille ón gcóca féir: tairng an féar ó n-a bhun chun slachta do chur air. Téir ag cainnt leis agus bain uaidh an bhfuil sé ar ár dtaobh: meall uaidh nó éaluigh uaidh más féidir leat é an bhfuil sé ar ár dtaobh. Bain ón speal leis an líomhán so: scríob di i slighe agus go mbíonn sí tanaidhe a dóthain chun faobhair do chur uirthe. Do bhain an fharraige ón bhfaill agus do thuit sí: do leag an fharraige bun na faille. Baineadh na cosa uaim: leagadh me, do shleamhnuigheas. Bhaineas bainne ón mbuin: do chruadhas í. Baineadh crúdh ón gcapall: do chaill an capall crudh. Cad do bhain eadaraibh?: cad budh chúis achrainn eadaraibh? Bain boghaisín: déin boghaisín. Do bhainis geit asam: do phreabas gan choinne agam leis mar gheall ar rud éigin mar teacht i nganfhios dom, glór mór do dhéanamh, scéal léin d'innsint dom. Do bhain bás oban mo dhreathár geit nó preab asam. An mbainfir as an méid sin aráin go tráthnóna: an ndéanfaidh an méid sin aráin go tráthnóna thu? Baineadh cioth thiar: do bhailigh cioth san iarthar. Bhaineas as an gcapall é: ní raibh a thuille reatha nó oibre ann ná gur thug sé nuair ghríosas chuige é. Bhain an scoláire trí púint as a cúig agus bhí fuighleach dhá phúint aige. Bhain na bleachtairidhe amach as a bholg a raibh aige: fuaireadar eolas ar gach nidh a bhí aige. Cad baintear as ghual seachas teine? geas. Gheibhtear lé hiondrabháil áirighthe geas. Baineann obair allus asainn: tagann allus orainn ó bheith ag obair. Bain fé, ná bíodh aon eagla ort roimis, táir chómh maith leis: tabhair iarracht fé ionnsaidh é. Bhain an bóthar an t-anam asam: do thraoch sé me. Nuair bhuail an fear láidir an charraig le buille do bhain sé dúiseacht aiste: do rinne sé glór mór nó d'imthigh smut di, nó scoilt sí. Seo dhuit do leabhar níor bhaineas aon earraidheacht as: níor chuireas chun áise é, níor léigheas é. Bhaineas an saoghal as mo laetheantaibh saoire sa Ghaedhealtacht: fuaireas aoibhneas an domhain ann. Ná bain aon bhláth aca san: ná prioc aon cheann aca. Bain an doras de: bí ann roimis.

báinín: *f.4.* plainín tighe. Is annamh do chidhfeá báinín ar aonne anois ach éadaighe úrláimhe (éadaighe déanta siopa).

bainis: *b.2.* fleadh lé linn pósta. Tá sé n-a bhainis agaibh deirtear le gasra nuair bhíd ag cur cóir mhaith bhídh agus dighe ortha féin. An bhfuilir ag dul ar an mbainis?: an bhfuilir ag dul go fleadh an phósta?

bainiseamhail: (**bainiseach**) *a.* Luigh linn, táimíd annso go bainiseamhail tá raidhse bídh is dighe againn agus croidhe fial, ná bíodh tart ná ocras ort: go fleadhthach. Nách air atá an chulaith bhainiseamhail: an chulaith bhreágh, déanta i gcóir fleidhe. Tigh bainiseamhail do bhíodh aca: biadhmhar, deochmhar agus fáilte roim gach aonne chun a chaithte.

bainistighe: *b.3.* stiúrthóireach, cnuaisceamhan, baileacht. Déin bainistighe leis an mbiadh san: ná caith aon chuir de go neamhghádhtarach. "Is minic síos droichbhean tighe lé droch-bhainistighe" – seanfhocal: is minic do theipeann ar mhnaoi ná bíonn eólas ceart tighis aice. Is lé bainistighe a mhná agus lé n-a fheabhas soláthair féin do thógadar lán tighe de chlainn: bean tighe bhaileach chnuaisceamhnach dob eadh a chuireadh gach ao'nidh chun críche.

báinlíthe: *b.3.* dath bán mílítheach, drochdhath lé breóidhteacht nó lé scannradh. Tháinig báinlíthe ann lé scannradh nuair ling an leómhan air: d'iompuigh an líth ann: tháinig dath bán air. Bhí báinlíthe riamh ann: bhí sé báidhte ar a aghaidh. Níor imthigh báinlíthe na breóidhteachta fós as: níor scar an dath bán do chuir an bhreóidhteacht air leis fós.

báinmheisce: *b.3.* Táinig báinmheisce air tréis aon ghloine amháin: d'aithneófá air go raibh sé súgach dá luighead d'ól sé.

bainne: *f.3.* an leann a thagas as úth bó agus ainmhidhthe eile. Bainne cích na n-éan: gafan, leann bán a thagas as chaisreabán agus thugas nimh d'iasc. Fuair sé bainne cích maith: do thóg a mháthair go maith é. Is galánta an bhean í, agus is é bainne cích fuair sí é: bhí máthair agus athair maith aice. Bainne bearrtha: bainne go mbíonn an t-uachtar bainte de. Bainne géar: bainne beárrtha. Bainne bó bleacht: an samhaircín (bláth). Ní dhéanfair an bainne deirtear lé duine nuair tuigtear ná sroichfidh sé a thriall nó ná heireóchaidh leis. Tá dath an bhainne ar a cneas: tá dath breágh, geal, bán, sláinteamhail ar a cneas.

baint: *b.2.* gearradh, scaradh, tógaint, priocadh, rómhar, tóch, gaol, cómhgas. Ag baint phrátaidhe: ghá rómhar as an dtalamh. Ag baint mhóna: ag gearradh. Ag baint bhláth: ag priocadh. Ag baint chloch: ghá dtóch lé cródh nó a lithéid. Ag baint mo bhairéid díom: ag tógaint mo hata díom. Ag baint choirce, sheaghail, chruithneachta, eórnan nó aon bharra eile: ag spealadh nó ag earradh lé hineall. Níl aon bhaint agam leis na daoinibh sin: níl aon ghaol agam leó nó níl aon chomhgas agam leo. Ní bhíonn aon bhaint aca lé chéile: ní dhéinid aon choidreamh lé chéile: ní bhíonn síos ná suas aca lé chéile. An bhaint chéadna atá agat-sa agus agam-sa leis an nduine seo: an gaol céadna nó an cómhgas céadna. Bí ag baint de anois mar is mithid agus tá taisdeal fada rómhat: bí ag gluaiseacht go tapaidh.

D'iarraidh bheith ag baint uaim ataoi: d'iarraidh bheith ag fagháil eolais atá ag teasdáil uait ataoi. Bhítí an-dhian ag baint chíosa amach dathad bliadhain ó shoin: dhá fhagháil lé tafant agus le ciapadh. Nách bhfuilir i gcumas do chirt do bhaint amach gan chabhair uaimse? nách féidir leat do cheart do ghnóthughadh gan mise? Ná bí d'iarraidh tosach do bhaint díom: ná bí d'iarraidh bheith ann rómham. Is binn an ceól atá dhá bhaint aige as bheidhlín: ceol breágh dhá sheimint aige uirthe. Bhíodh sé ag baint phréach (as talamh) nuair luaidhtí ainm áirighthe: bhíodh sé ar deargbhuile. Táir ghom bhaint rómhór léd chuid tarcuisne: táir ghom ghríosadh. Rugas ar an madar uisce agus é ag baint na farraige amach: é d'iarraidh an fharraige do shroicheamhaint. Ná bíodh aon bhaint ag duine le drochchuideachtain, ní maith é: fanadh duine ó dhrochchuideachtain. Is maith an bhaint atá ar an ngort san: tá an barra a bhí air geárrtha go maith. Thug sé tamall maith ag baint bhoghaisínidhe orm sar ar bhain sé an ceann den scéal: chaith sé seal fada ag gabháil tímcheall ar an rud a bhí ar inntin aige sar ar thairng sé chuige é. Caitheann an chloch chruaidh ó bhaint an uisce léi: caitheann an chloch ó chimilt an uisce léi. Ná caith do shaoghal ag baint na gcnoc: ná bí do shíor d'iarraidh rud dodhéanta do dhéanamh. Seómra chómh múchta san seadh é go bhfuil sé ag baint m'anáile dhíom: tá an oiread de cheal aoir air nách féidir liom m'anál do tharang go nádúrdha. Ná bí ag baint chainnte as, tá sé rólag: ná bí ghá chur ag cainnt, ní féidir leis cainnt do dhéanamh gan duadh. Rinnceóir ag baint ramsach as an úrláir: glór agus fothrom lé n-a bhrógaibh. An máighistir ag baint ramsach asam-sa mar gheall ar an slinn do bhrisis-se: d'iarraidh sásaimh do bheith aige. Ag baint na fiacaile do bhris sé mo chorrán: ag stathadh na fiacaile.

bainte: *a.* Táim bainte: táim tógtha dem bhonnaibh mar tá an t-uisce ró-dhoimhin. Bheinn bainte chómh mór san gen a chuid cainnte dá bhfanainn ag éisteacht leis go gcaithfinn é do bhualadh: curtha chun feirge. Fág me! táim bainte chughat: tógtha chun cainnte agus ní féidir mé do chosc. Níor bh'fhéidir í do chur n-a thost nuair bhíodh sé bainte chun cainnte ar phoilitidheacht: nuair bhíodh sé corruighthe bhíodh ritheadh seama fé. Níorbh aon iongadh gurbh fhear bainte é agus an méid tarcuisne fuair sé: fear tógtha chun feirge. Lá bainte seadh é: lá fiadhain. Ineall bainte móna seadh isleán. Gléas bainte cloch seadh ródh iarainn. Chonnac é ag baint ón sciain lé líomhán: ghá tannughadh. Ag cur 'sag baint do chaitheann an feirmeóir a shaoghal.

báintéir: *b.3.* ciúnas mór. Lá b'eadh é go raibh an mhuir n-a báintéir: bhí sí anchiúin ar fad.

baintreabhach: *b.2.* duine go mbíonn a chéile marbh. Baintreabhach mhná do phós sé. Bhí sé n-a bhaintreabhaigh ar feadh deich mbliadhan sar ar phós sé airís. Bíonn truagh ag gach aonne do mhac baintreabhaighe: mac mná go mbíonn a fear san uaigh.

baintreabhachas: *f.1.* dáil duine go mbíonn a chéile marbh. Níor mhaith léi baintreabhachas agus do phós sí airís.

bairbín: *f.4.* an fóidín caol fágtar i lár na claise idir an dá fhód a hiompuightear isteach ag déanamh na hiomaire d'fhonn an chlais do bheith leathan go leór. Chidhfeá uait anuas a mullach an chnuic an bóthar mar bairbín: ruibín.

báire: *f.4.* cluiche nó comórtas iománaidheachta, iomarbháidh, na cuaillidhe a bhíos n-a seasamh ar chródh na himeartha. D'imreadar báire maith: d'imreadar cluiche maith peile nó iomanaidheachta. Tá an báire curtha orainn: tá buaidhte orainn. Bíodh báire againn: bíodh comórtas peile nó iománaidheachta againn. Thug sé an báire leis ón gcogadh: d'éaluigh sé gan marbhadh sa chogadh. Cé bhí mar chúlbáire ag muinntir an taoibh eile: cé bhí i mbun cúil aca: ag tabhairt aire don mbáire (ag an dá chuaille). Bhíomair i lár báire nuair séideadh an scréachóg: i lár na himeartha. Stadadh den dtigh do thógaint i lár báire: nuair bhí a leath tógtha scuireadh den obair. Chonnacadar go raibh an báire ag dul 'n-a gcoinnibh: chonnacadar go raibh an báire ag dul ortha agus ghéilleadar: chonnacadar ná raibh aon mhaith ann dóibh dul chun cinn agus thréigeadar dá n-iarracht. Buachaill báire seadh é, cleasaidhe buachall seadh é, theastuigh uaidh cead d'fhagháil chun teacht go hÁth Cliath agus bhí a fhios aige dá loirgeadh sé féin cead nách bhfaigheadh sé é toisc é bheith chómh hóg: mar sin d'iarr sé ar a dhritheáir aosda cead do lorg. Trí báiridhe agus dhá chúilín do chuir fuireann Luimnighe isteach an lá bhíodar ag imirt lé Tiobraid Árann. Mara mbeadh an cúlbáire bhí aige budh thinn do: mara mbeadh an tacaidheacht a fuair sé ó threó éigin ní bheadh an scéal chómh maith aige agus tá. I dtosach báire tuigimís a chéile i gceart: sara dtosnuigheam ar ár ngnó bíodh a fhios againn ó n-a chéile cad tá againn lé déanamh. I mbéal báire na gCiarraigheach seadh is mó bhí an imirt: cómhgarach don dá chuaille do bhí an imirt ar fad nách mór. Is folláin duit an fear atá i mbéal báire agat: is fearrde thu an té atá ghod chosaint. Thugais an báire leat ón anachain: thugais na cosa leat. Tá an báire agat, a bhuachaill: do bhuadhais.

bairéad: *f.1.* hata nó caipín. Cuir do bhairéad ort: cuir clúdach éigin ar do cheann. Cuir féd bhairéad é: conghaibh n-a rún é, ná leig le haonne é.

bairghean: *f.1.* bollóg árd chruinn. "Ní féidir leat do bhairghean do bheith agat agus í d'itheadh": ní haon mhaith dhuit cathughadh do bheith ort tréis do choda do chaitheamh.

bairlín: *f.4.* blúire mór, fada, leathan lín nó chadáis i gcóir leapan. Ar éirigh sé fós? níor éirigh, tá sé fén mbairlín: n-a chodladh nó sa leabaidh. Chuireamair bairlín mhórseóil ar an nadhbhóig: seól anmhór ar fad. Bairlín casóige atá air: casóg gan déanamh slachtmhar uirthe.

báirneach: *f.1.* iasc sliogánach go mbíonn déanamh beannach air. Muna seachnair tigh an óil báirnigh is beatha dhuit: seachain an t-ólachán nó beir beo bocht dealbh aige. "Biadh ríogh ruacain biadh bacaigh báirnigh" seanfhocal é seo a chuireas in iúil suaraidheacht na mbáirneach i gcompráid ruacán. "Bhainfeadh sé an báirneach den gcloich" seanfhocal a chuireas in iúil feabhas captaen báid nó tiománaidhe, go raighead sé go neamheaglach i ngiorracht chonntabharthach d'aon rud gan bualadh air. "Sagairt a's bráithre a's d'imthigh na báirnigh eadartha" seanfhocal adeirtear lé daoinibh a scaoileas rud uatha go faillightheach. "Báirnigh phúcaidhe" tugtar ar na báirneachaibh a bhíos ag máineáil ar na carraigeachaibh ist oidhche, go mór-mhór oidhche ghealaighe, nuair bhíonn sé n-a thráigh. Ar theacht i ngiorracht dóibh chloisfeá go soiléir iad ag fagháil a ngreama ar an gcarraig.

bairricín: *f.4.* blúirín cruinnleathair a bhíos ar bholg caide (peile) mar a dtagann na stráicídhe lé chéile go caol, an blúire a bhíos treasna ar bhárr bróige. Maisigheann bairricínidhe bróga: bíonn bróga níos taithneamhaighe dá gcionn. Siubhal ar do bhairricíníbh: siubhal ar bharradhachaibh do chos nó go réidh aicillidhe.

báirrdheas: *a.* go méireannaibh gleóidhte. Cailín báirrdheas seadh í: cailín go bhfuil lámha agus méireanna (méireanta) leabhair uirthe, nó an cailín nó an bhean féin. A bháirrdheas, tá grádh agam duit: a bhean bhreágh, grádhaim thu.

bairrfhionn: *b.2.* bean áluinn. Sí an bhairrfhionn agat í chun oiread cainnte do dhéanamh mar gheall uirthe: le seanbhlas adeirtear é lé duine bheadh ag moladh mná thar a mbíonn tuillte aice.

bairrliobar: *f.1.* fuair-nimh ins na méireannaibh i slighe a's nár bh'fhéidir lé duine breith ar aon rud go faiscighthe, scríobh le peann nó a lithéid. Bíonn bairrliobar ar mhéireannaibh dhuine nuair bhíonn an "tidheal" imthighthe asta. Ní fhéadfadh sé scríobh lé bairrliobar. An bairrliobar a bhí ort gur thuit na háraistidhe uait? an raibh do mhéireanna chómh mór san gan chómhacht mothála nó corruighthe, an tidheal a bheith imthighthe asta? Ná bíodh aon bhairrliobar ort ag breith ar an nguna, mar is conntabharthach an rud é: beir greim fáiscthe air.

bairrliobarnach: *a.* neamhchruinn, neamhfháiscthe, neamhchúramach. Nách bairrliobarnach d'éirigh sé dhuit t'uaireadóir do thuiteam uait!: nách aindeis an aire do thugais dot uaireadóir.

báirseach: (**báirseóg**) *f.2.* bean tharcuisneamhail, bean a thugas íde bhéil do dhaoinibh eile. Báirseach seadh í ná stadann ach ag cáineadh daoine.

báirseacht: (**báirseóireacht**) *f.3.* ag cáineadh chách, ag tabhairt "íde na muc a's na madraidhe" ar dhuine.

báisín: *f.3.* bolla cré; mias bheag; bágh bheag. Báisín Thráighlí: an bhágh bheag buailte leis an mbaile. Gabhal beag farraige. Cuir chugham báisín uisce: mias uisce. Báisín ionlaith: mias le haghaidh lámha agus aghaidh do nighe.

baisín: *f.* deárna na láimhe. Baisínidhe teódha: cluiche imreann leanbhaidhe chun a lámh do choimeád te; fíorbheagán. Baisín mhine, airgid, phlúir: oiread agus raigheadh ar chroidhe do dheárnan. Thugas baisín do: buille éadtrom leis an láimh leathta.

baiste: *a.* ag baint lé baisteadh. Eóin Baiste, an naomh.

baisteadh: *f.1.* uisce do dhortadh ar cheann duine nó a mhúchadh in uisce mar shácraimint nó ceileabhradh creidimh; dearbhughadh. Dar mo bhaisteadh: deirim go láidir. Dar mo bhaisteadh go bhfeaca an t-iasc budh mhó dá bhfeaca súil duine riamh, do bhí sé dathad troigh ar fad! Do bhí an leanbh an-lag, bhí eagla ar a mhuinntir go bhfaigheadh sé bás sara sroichfeadh sé an eaglais agus mar sin tugadh baisteadh úrláir air:

do bhaist tuata é. Ná bí ag baisteadh an duine ar an gcuma san: ná bí ag tabhairt ainmeach mícheart ar an nduine. Nách raibh an beatha-uisce lag a dhóthain gan é do bhaisteadh: gan uisce do chur tríd. Chuir sé ar a bhaisteadh ná raibh sé láithreach nuair buaileadh thu: do dhearbhuigh sé é mar seo, "ar mo bhaisteadh ná rabhas ann". Chómh maith agus baisteadh me creid me: dar mo bhaisteadh: creid me; níl aon bhréag ann. Ó lá mo bhaistidh ní fheaca aonne eile mar thu: riamh ó rugadh me. Ambaiste, taithnigheann sé liom bheith in áit aoibhinn mar seo: bíodh m'fhocal agat leis.

baistidhe: *a.* ag baint le baisteadh. Sin é m'athair baistidhe: an fear a bhí mar cháirdeas Críosd agam nuair baisteadh me. Níl mac baistidhe ná inghean baistidhe agam: ní dheaghas chun baistidhe riamh le leanbh. Iomar baistidhe: an t-árus cloiche n-a mbíonn an t-uisce coisric go mbaintear áis as le linn baiste. Baistim "amadán" ar an nduine sin: tugaim.

baistim: *b.* tugaim ainm ar, tugaim leasainm ar, caithim uisce ar, tumaim in uisce. Níor baisteadh leat bheith chómh maith d'fhear liom-sa: níor saoghaluigheadh leat é, níor dhual ná dhúthchas duit é. Táir baistighthe go maith aca: tá go leór drochainmeacha tugtha aca ort. Stadaidh! ná tugaidh náire dá chéile ag baisteadh a chéile: ag tabhairt ainmeach aite gránda ar a chéile. Ná baist a thuille an beatha-uisce sin: ná cuir a thuille uisce ann. Baist do leanbh féin ar dtúis: tabhair aire dod ghnóth féin agus ná bac mise.

baistiúchán: *f.1.* ag tabhairt leasainmeach ar dhaoinibh gan chúis. Ná bí ag baistiúchán ar an nduine galánta: ná bí ag tabhairt ainmeach gránda mícheart air. Budh mhór an baistiúchán do thug an bheirt bhan dá chéile: tarcuisne a's leasainmeacha a's íde bhéil.

baitheas: *f.1.* mullach cinn. Gléasta ó bhaitheas go bonn: fé éadach bhreágh. Ó bhaitheas go trácht do leag sé a shúil dhiamhair orm: d'fhéach sé go cruinn ar gach ball díom ó mhullach mo chinn go bonn. Ó bhathas go trácht bhí sí gabhtha: bhí sí gléasta go háluinn. Thuiteas ar mo bhaitheas: thuiteas ar mhullach mo chinn. Luigín an bhaithis: an lag bheag chaol éadoimhin atá treasna an chinn dhaonna tamall siar ón éadan. Bhuail sé a hata ar a bhaitheas: chuir sé a hata air. Léim an leómhan im bhaitheas orm gan choinne agam leis: do léim sé orm go cruinn agus go fíochmhar.

baitín: *f.4.* bata beag. Buachaill baitín: buachaill báille, buachaill a ghnidheas obair shuarach, sprionnlaithe do dhaoinibh eile, buachaill a bhíos ag déanamh toirmisce.

balbh: *a.* gan cainnt nó úrlabhra, ciúin, socair, gan glór binn. Nách balbh ataoi ná labharfadh soiléir: nách do-thuigse an tslighe labhrair. Ní balbh do bhís ná dubhrais ao'nidh: ní ceal cainnte do bhí ort. Tá glór balbh ag an gcloich sin: níl glór aice go bhfuil sí slán. Chuala glór balbh i bhfad uaim: chuala glór ná raibh róshoiléir. Ar feadh na hoidhche do bhí tóirneacha balbha le clos agam: tóirneacha do bhí dhá dhéanamh i bhfad ó bhaile. Is maith atá a fhios ag an dtalamh ós é tá balbh: fiú amháin an talamh go siubhalaimíd air is eól do cad tá ar siubhal agam. Nuair tháinig Pádraig go hÉirinn bhí déithe balbha ann roimis: do bhí déithe fallsa ann. Tuigfinn go maith thu dá mbeithteá gan bheith chómh balbh: dá labharthá níos léire do thuigfinn thu. Bíodh teanga bhalbh

agat má thóann tú mo chómhairle-se: ná bíodh focal asat. Duine bodhar balbh dob eadh é ón lá san: níor fhan cainnt ná éisteacht aige ón lá san.

balbhacht: *b.3.* ceal cainnte, nó úrlabhra, gan glór binn. Sin fear go bhfuil balbhacht air ó rugadh é: ní labharann sé soiléir, ní bheireann sé a chuid cainnte go nádúrdha leis. Cuir uait an bhalbhacht agus labhair amach: labhair le cruinneas agus ná bí ag stad. Cuir i bhfearas ceart an bheidhlín sin tá balbhacht uirthe: níl sí i dtiúin.

balbhán: *f.1.* duine gan chainnt, duine ciúin, duine go mbíonn stad n-a ghlór. Tagair do cheart, ná bí id bhalbhán ag cainnt leó: cuir tú féin in iúil chómh láidir agus is féidir leat. Tuigeann gach aonne a bhalbhán féin: tuigeann gach duine a cheasnaidhe nó a ghearán féin. Níl ann ach balbhán cainnteóra: drochchainnteóir poiblidhe seadh é. Ní dheinim díot ach balbhán béice: ní chuirim aon tsuim id ráidhtibh, duine gan tábhacht cainnte seadh thu. Balbhán béice fás go ndéineann smúit de nuair phléascann sé.

balbhuighim: *b.2.* cuirim chun ciúnais, bainim a ghlór de. Is minic do balbhuigheadh me cois na farraige: do bhain glór na farraige dem ghlór daonna lé n-a neart.

balcaire: *f.4.* duine teann láidir. Balcairidhe fear seadh a chlann-mhac anois: tá a chlann-mhac fásta n-a mbuachaillidhibh cruaidhe láidre anois. Nách é an balcaire garsúna é: nách é tá láidir, sláinteamhail, téagartha.

balcais: *b.2.* ball éadaigh, is minicíghe ná a mhalairt gur ball gan mhaitheas í. Cuir ort do bhalcaisidhe: cuir ort do chuid éadaigh. Coimeádann sé na balcaisidhe n-a measc: tá sé ag maireachtaint chómh maith lé duine ar bith. Chuir sé air a bhalcaisidhe glana: an t-éadach dob fheárr a bhí aige. Is maith an bhalcais an chasóg san – tá mian maith innte. Ní bhíonn air anois ach na balcaisidhe, an duine bocht: bíonn ar loméadach. Níl balcais air: níl air ach na preabáin.

balcán: *f.1.* duine láidir, teann; ógánach lúth, láidir. Ní haon iongadh gur rámhaidhe maith an balcán san: tá sé i gcumas bheith n-a rámhaidhe mhaith. Nuair bhíos im mheádhon aois bhís-se id bhalcáinín ghleóidhte garsúin: id gharsún theann, théagartha, shláinteamhail.

ball: *f.1.* áit, earra fé leith (éadaigh, troscán), úirlis, géag. Thána ar an mball leathuair an chluig ródhéidheanach: ar an bhfód. Bí ar an mball nuair glaodhfar t'ainm, mara mbír ní bhfaighir aon éisteacht: bí ar an bhfód nó ar an láthair nuair glaodhtar ort. Do bhí an stoirm chómh láidir sin ná féadfainn an ball do sheasamh níos sia: do bhí neart na gaoithe ghom chur ón áit. Ceannuigheadh ball maith ar mhíle púnt: fághaltas nó áit mhaith. An rabhadar i mball maith cómhnaidhthe ar thaobh an chnuic: an raibh sé sláinteamhail, seascair, inmhianta. Ball iongtach éadaigh seadh an chasóg bhréidín sin ort: earra mhaith seadh í. Fág an ball agus téir i mball éigin eile ar son do shláinte: fág agus téir go háit is fearr. Ní bhfaighim mo mhadra in aon áit tá sé imthighthe i mball éigin: tá sé imthighthe ar fán uaim. Thug an cúigear againn an lá ar fad ag troid in aghaidh dhá chéad aca agus níor chuireadar an ball orainn: níor bhuadhadar orainn. Leagadh ar an mball é: leagadh gan mhoill é (chomh luath is buaileadh é). Ní fheicim an cath rómhaith as so, an bhfuil an

ball dhá chur orainn: an bhfuil an taobh eile ag buadhachtaint orainn? Chaith imirtheóir amach cuireata muileat, chaith imirtheóir eile cíonmhádh muileat anuas air, chuir san an ball ar an gcuireata: do bhuaidh sé air. Ní chuirfeadh an diall féin an ball air lé halfraitsidheacht: ní bhuaidhfeadh an saoghal mór air tá sé chómh cam, glic, fealltamhail sin. Raighead in aonfheacht leat ar ball: níl eaga agam anois: raighead leat i gcionn tamaill. Tagann mórán gluaistínidhe tímcheall na mball so sa tsamhradh: mórán lucht féachta ag tabhairt turasa ar an gceanntar so. Cad é an treó baill gur thug an sladaidhe a aghaidh nuair sciob sé an t-airgead? cad é an áird gur ghaibh sé – soir, siar, ó thuaidh nó ó dheas? Druididh i lár baill: druididh isteach i gcorplár na háite i dtreis. Cad chuir na baill shalacha id chuid éadaigh? ná séan é, tá a fhios agam, leanndubh: cómharthaidhe. D'fhág an dubhach ball ar an bpáipéar mar ar thuit sé n-a bhreis. Do chuir teas na teine ball dóighte n-a chuid éadaigh: do rinne an teas poll ann. Ná leig aon bhall dóighte ar an iasc san: ná leig don dteas an croiceann do bhriseadh air. Ní fhágann do chuid tarcuisne aon bhall salach ar mo cháil: ní dhéineann sí aon díobháil dom. Níl aon bhall sughaidh (salach) ar a bheatha: ní féidir aon rud do chur n-a leith (n-a choinnibh) a thabharfadh náire dho. Is iomdha capall go mbíonn ball bán n-a éadán: cómhartha bán ar mhalairt datha (dubh, donn, glas etc.). Fear dob eadh go raibh an ball searc aige: fear go mbíodh an bhantracht ceanamhail air. Tá ball odhar fé bhun a chluaise: ball ón lá saoghaluigheadh é. Níl ball dem bhallaibh nách bhfuil tinneas ann: tá tinneas im chosaibh, im ghéagaibh, im dhrom, im cheann etc.: i ngach pioc díom. Gan na baill bheathaidh do chur lé chéile ní bhíonn sláinte cheart ag an gcorp. Táim im bhall mhagaidh ag an saoghal: táim im cheap mhagaidh: gach aonne ag magadh fúm. Ball diamhóideach eagailse dob eadh an t-Athair Ó Cathasaigh: duine do bhain leis an eaglais.

balla báisín (balla bogha báisín): leanbhaidhe beirthe ar lámhaibh a chéile a's iad ag casadh mórdtímcheall; aon rud a leanas do bheith ag casadh tímcheall gan stad; glór agus méabhán i gceann dhuine. Do bheadh do cheann n-a bhalla bogha báisín ó bheith ag éisteacht leis: chuirfeadh sé glór id cheann. D'imthigh sé n-a bhalla bogha báisín ag an ngaoith: d'imthigh sé ag iomlosc nó ag liathradh mar bheadh caid tóin thar cheann.

ballach: *f.1.* saghas éisc a ghnáthuigheas tímcheall carraigeach, cróndhubh nó breac n-a dhath, béal beag air agus an phus íochtarach iompuighthe síos. "Fuil an bhallaigh ort", adeirtear lé duine a bhíos ag breith ar iasc nó a gheibheas cúig ag imirt chártaidhe: go raibh an rath ort.

ballach: *a.* baill do bheith in aon rud, breac, cómharthuighthe. Éadach ballach seadh éadach go mbíonn baill ann. Asal ballach do cheannuigh sé: go raibh baill malairt datha leis an ndath íochtarach.

ballán: *f.1.* beithidheach fireann coillte; árdán glas cnuic; cloch chruinn cuibheasach mór. Fear chómh láidir le ballán seadh é: an-láidir. Táir id bhallán: táir beathuighthe láidir. Chuadhas suas ar an mballán os chionn an mháma: suas ar gcnocán mór cruinn glas. Rug sé ar bhallán (cloiche) chun me do bhualadh: cloch chruinn thoirteamhail go maith. Balláin ar fad atá sa chladach: clocha is carraigeacha móra cruinne ó bhaint an uisce leó. Cheannuigh sé leathchéad bhallán ar an aonach: leathchéad do bheithidheachaibh fireanna a bhí coillte. Talamhaintidhe ballán seadh iad: talamhaintidhe go mórchuid cloch

mhór, nó talamhaintidhe go mbíonn a lia beithidheach fireann coillte ortha: leirgidhe eallaigh.

bálta: *f.4.* lasca bróige; an fóidín caol a fágtar i lár claise i riastáil curadóireachta chun í do bheith leathan a dhóthain (bairibín focal eile air); an áit den mbróig ag an gcaol go mbíonn cúl agus tosach an uachtair fuaighte ar a chéile.

bambairne: *f.4.* duine nách féidir leis a ghnóth do dhéanamh trí easbhaidh ruda éigin do bheith air, nó go gcuirtear díombáidh gan choinne aige leis air. Sid é annso me im bhambairne gan mo pheann, do thóg duine éigin é agus tá orm leitir do scríobh. Táim im sheasamh annso san áit phoiblidhe seo le huair an chluig ag feitheamh lé fear a rinne coinne liom agus nách dtáinig, táim im bhambairne aige. Bambairne díomhaoin seadh é ná rinne lá oibre leis na ciantaibh: duine gan tionscal seadh é, gan fonn oibre.

bán: *a.* gan rian, maol nó liath ar fad, mílítheach, gan cur, fiadhain, ar buile, grádhach. Síneadh páipéar bán chugham: páipéar gan scríobhnóireacht air. Talamh bán leis na bliadhantaibh seadh Condae na Midhe: talamh gan aon churadóireacht seadh é. Tá sé imthighthe bán chun Gaedhilge: bíonn sé i gcómhnaidhe ag gabháil di. Tá an fear imthighthe bán i ndiaidh na mná: níl aon chiall aige lé grádh dhi. Tá aos óg an lae indiugh imthighthe bán chun peictiúiridhe: tá na daoine óga glan as a meabhair chun bheith ag na peictiúiridhibh ar aon tslighe. D'iompuigh a cheann bán gléigeal in aon oidhche lé heagla: do liathuigh sé. Cainnt bhán is minicighe do bhíonn aige: deineann sé mórán cainnte gan cur léi. Budh bhreágh liom bheith id chuideachtain, a bhuachaill bháin: a bhuachaill mhaith. Is tusa an buachaill bán aca: is tusa go bhfuil an cion aca ort. Seán bán: Seán fionn. A Mháire bhán: a Mháire mo chroidhe. Ní cómhartha maith sláinte aghaidh bhán: aghaidh gan lasadh na fola innte. Tháinig dath chómh bán lé páipéar air leis an eagla: d'iompuigh an líth mar sin ann. An té a bhíos bán chun óil is tinn do: an té go mbíonn an iomad ceana aige ar an ól bíonn sé thíos leis sa deireadh. Táim bán ar fad indiugh, chaitheas an oidhche ag cailleamhaint ar chártaidhibh: táim scriosta ar fad: níl pingin im spaga. Níl aon tsaigheas airgid agam, bán, ruadh ná breac (páipéar). Tá sé a cúig a chlog anois (ar maidin) agus ní fada ón lá bán é: ní fada go mbeidh sé n-a lá ar fad. Tháinig sé abhaile ón mabile mór leis an lá bán: i bhfad roim oidhche. An láir bhán: bealach na bó finne: an lorg fada geal réilthínidhe a bhíos lé feicsint treasna na spéarach oidhcheanta. Tháinig mo dhubhán aníos bán: gan boighte gan iasc air. "Na buachaillidhe bána", "chughat na buachaillidhe bána", deirtear so ag cur eagla ar leanbh (cumann ná raibh dleaghthach dréir "na dlighe" do cuireadh ar bun in Éirinn tímcheall na bliadhna 1760). Caitheann an sagart léine bhán ghléigeal ag rádh aifrinn: léine ghlan an-gheal. D'imthigh an lá bán le báistigh (sneachtadh, fuacht etc.): chuaidh sé an-dhian ar fad. Ní fheaca bán, buidhe, dubh ná dearg é: ní fheaca in ao'chor é.

bán: *f.1.* talamh gan cur, an fhairsinge lasmuigh, machaire, talamh tirim féaránaigh, gealas, solas na gréine, talamh nó áit gan áis bheith dhá bhaint as. Treabhaimís an bán so: an talamh féarchroicinn seo. Imthigh amach fén mbán duit féin: imthigh amach fén spéir ar an bhfairsinge. Do ghluais an stoirm treasna an bháin. Bíonn rith an bháin agam san oifig: bíonn cead mo chos agam innte: is féidir liom mo rogha rud do dhéanamh. Beidh rith an bháin leat má réidhtighir an cheist sin: níl aon rud chun tu do chosc má éirigheann

leat an cheist sin do réidhteach. Fuair sé rith an bháin: ní raibh aonne ag cur isteach air. D'imthigh an bainne fén mbán: doirteadh é ar fuaid na háite. Ná leig an talamh san n-a bhán: ná leig chun féir. Chuadar amach ar an mbán lé chéile: chuadar amach ag troid lé n-a chéile. Ní raibh bán an lae ann nuair shroicheas Áth Cliath: ní raibh gealas an lae ann. Tá sé go maith anois, tá sé ag siubhal na mbánta: tá sláinte mhaith aige.

banabhairseach: *b.2.* bean chárdála agus sníghte. "Inghean na banabhairsighe adhbhar na hóinsighe": is minic gurb í inghean na mná críochnamhla an leadhbóg is measa. "Toinnte fada na hóinsighe toinnte gearra na banabhairsighe": an bhean ná bíonn eólgaiseach tairngeann sí toinnte fada, an bhean eólgaiseach tairngeann sí toinnte gearra.

bánadh: *f.* dul i mbáine, gealadh, scriosadh. Thána lé bánadh an lae: lé gealadh an lae. Tá na héadaighe ag bánadh lé seachtmhain ar na sceachaibh: lé baint na gréine agus an aoir tagann breis gealais sa dath. Thug na saighdiúiridhe bánadh ar an áit: do mharbhuigheadar na daoine, do dhóigheadar na barraidhe: do scriosadar an áit.

bánaim: (**bánuighim**) Do bhánuigh an cogadh an dúthaigh: do lait (loit) an cogadh an dúthaigh. Do bhánuigh mo mháthair lé haois: tháinig dath bán ar a folt. Chómh luath agus chonnaic sé me do bhánuigh sé lé náire go raibh sé ag cúlchainnt orm: tháinig dath bán air trí bheith cionntach.

banamhail: *a.* iodhain, lághach, béasamhail. Ní banamhail an chainnt do chloisfeá i gcúlshráideannaibh cathrach ag lucht meisce: cainnt gháirseamhail, cainnt gan riaghail léi. Ní róbhanamhail do labhair sé liom i dtaobh bheith déidheanach óm chuid oibre: níor labhair sé ró-mhánla liom. Bí banamhail pé áit go ngeóbhair: i ngach áit agus ball bí béasamhail, umhaltha gan aon éirghe anáirde ná drochchainnteach. Is banamhail an leanbh é: tá sé mín, deaghlabhartha, deaghmhúinte.

banamhlacht: *b.3.* béasaidheacht, lághaicheacht, umhalaidheacht. Dá mbeadh sé de bhanamhlacht ionat gan teacht treasna orm faid bhein ag cainnt do bheadh breis mheasa agam ort: dá mbeadh oiread béas agat etc. Cainnt gan banamhlacht duit seadh labhairt ar mheisce ós chómhair leanbh: cainnt mhíriaghalta, neamhoireamhnach seadh í. Chuirfeadh an cailín céadna san cion ag aonne uirthe lé n-a banamhlacht: lé n-a grádhmhaireacht a's a neamhmhórchúise.

banbh: *f.1.* (aithchiall) smuga. Féach an banbh atá léd shróin! Féach an banbh atá leat. Bíonn banbhaidhe leis lá fuachta: bíonn smugaidhe leis ag an bhfuacht. Chuirfeadh an lá indiugh banbhaidhe lé duine: bheadh a shrón ag silleadh le fuacht.

banna: *f.4.* urra, urradhas, geallamhaint. Mo bhanna dhuit go mbead ann gan teip: tugaim urradhas duit, geallamhaint láidir. Thug sé a bhanna go n-íocfadh sé a fhiacha: thug sé a gheallamhaint (ná féadfadh sé a bhriseadh go bhfuraiste). Chuadhas i mbannaidhibh air i dtigh na cúirte ná brisfeadh sé an tsíothcháin go ceann dhá bhliadhan: thugas geallamhaint (cuir i gcás fiche púnt) go bhfanfadh sé macánta. Thugas urra agus bannaidhe dhóibh go ná troidfinn airís in aghaidh an riaghaltais: thugas slánadh, geallamhaint taca ná troidfinn etc. Fuaireadar banna duine uasail uaidh: onóir duine uasail

i gcóimhlíonadh geallamhna. Níor thug sé uaidh ach banna béil: a fhocal gan aon choingheal eile. Banna bráighe: urradhas príosúnaigh. Cuireadh ar bannaidhibh troma iad i dtaobh bheith ag troid: caitheadh geallamhaintidhe agus tacaidheacht airgid leo (i gcás ná cóimhlíonfí) do thabhairt ar a son go mbeidís síothach feasda. Raighead-sa i mbannaidhibh dhuit air nách fada uait drochaimsir: glac m'fhocal leis.

bannc: *f.1.* (airgid, móna, cré, abhann, éisc, talmhan). Dá mbeadh mo phóca chómh teann lé bannc ní thabharfainn feóirling do: dá mbeadh flúirse airgid agam. Níl aon oighre air mar bhannc ach bannc Sheáin Uí Loingsigh (bannc a theip): gan iontaoibh. Do thuit an bannc cré ortha agus múchadh iad: port mór cré. Tá na báid ar bhannc an éisc: an áit do ghnáthuigheann an t-iasc. Bhrisfeadh do chlann bannc táid chómh caithteach san: chaithfidís an dúthaigh airgid: mórchuid mhór airgid. Chuir sé na leaga liatha 'on bhannc: an t-aimeón airgid. Thuill an fear san bannc airgid in Aimearaice: thuill sé anchuid Éireann airgid ann. Do scéidh bannc na habhann nuair bhain an t-uisce uaidh: thuit bruach an phuirt nuair imthigh an bonn nó an bun uaidh.

banncaire: *f.4.* árus ólta nách ar a luighead. Chaitheadar an oidhche ag ól banncairidhe brannda: ag ól árus (cuach nó gloinidhe a bhí líonta go bruach).

banndairne: *f.4.* feic '**bambairne**' an chiall chéadna atá leó. Níl aon úirlisidhe chun oibre agam, agus táim im bhanndairne ghá gceal.

bannlámh: *b.2.* tómhas, tuise, ón uilinn go barr na méire meádhon. "An tSlat agus an bhannlámh": reanna neimhe seadh iad so, scata réilthínidhe cómhnaidhtheacha i bhfuirm fir agus cloidhimh, ag tómhas éadaigh tighe. Deirtear trí bannlámhtha etc. Tabhair bannlámh dá chuid féin do, deirtear le duine gur dóigh gur cheart gan puinn truaighe do bheith dho: tabhair do mar thugann sé uaidh: tugtar an díol céadna dho a thabharfadh uaidh.

bannóg: *b.2.* bullóg bheag chruinn tighe; deora mar allus. Ní féidir leat do bhannóg bheith agat agus í d'itheadh. Tá bannóga alluis orm le strus: táim ag obair chómh cruaidh sin go bhfuil cúirnínidhe alluis orm.

bannrach: *b.2.* áit theanntuighthe chun ainmhidhthe do chongbháil ann. Cuir na ba sa bhannraigh.

bantracht: *b.3.* gasra bhan. Níl ár mbantracht ag baile indiugh: níl mná ár dtighe ag baile indiugh. Ní nár díbh bheith maoidhteach as bhur mbantracht: mná áilne seadh iad go mbeadh an saoghal mór meastamhail asta, nó (nuair deirtear lé searbhas é) chuirfidís náire ar aonne. Suidh ameasc na bantrachta: suidh ameasc na mban.

baoghal: *f.1.* conntabhairt; eagla; faitchíos. Is baoghal liom go mbeir déidheanach mara mbrostuighir: tá eagla orm etc. "Ní baoghal duit", deir duine le duine eile a bhíos ar tí slighe do dhéanamh do: ná corruigh. Ní baoghal duit an fuacht san: ná bíodh aon eagla ort roimis, ní dhéanfaidh sé aon díobháil duit. Ná cuir i mbaoghal mo bháis me: ná cuir in áit me go bhfuil conntabhairt mhór. Is baoghal don té ná féachann roimis: ní bhíonn sé saor ó

chonntabhairt. “Connus taoi?” – “níl baoghal orm”: táim go han-mhaith. “An té go mbíonn eagla air ní baoghal do”: an té gur dóigh leis go n-éireóchadh rud éigin do muna dtugadh sé aire dho féin is é is lugha go dtuigeann cinneamhaint air: an té a bhíos ar a aire is gnáthach gur b’é a bheireann na cosa leis. Rud nár bhaoghal duit, dar leat, dob eadh dul ar snámh annsan: ná beadh conntabhairt do bháidhte ann. Bíonn an baoghal os cionn gach aonne: níl neach saor ar chonntabhairt. Budh mhaith an cara dhom é lá an bhaoghail: nuair bhíos i gconntabhairt níor thréig sé me. “An baoghal dom thu?” deirtear lé seódh: an ndéanfair díobháil dom? Ní baoghal gur chaith sé oiread agus pingin: bí deimhnightheach nár chaith sé aon airgead. Is baoghal liom duit dul i gcomórtas leis an bhfear san: tá eagla orm nách aon mhaith dhuit é. Is baoghal don té ná caitheann éadach cluthmhair in aimsir fhuar: bíonn sé i gconntabhairt fuachta d’fhagháil. Cheapais go gcaithfeadh sé a chuid airgid, rud nár bhaoghal dhuit: lé n-a chúramaighe nó a sprionnlaitheacht ní dhéanfadh sé a lithéid. Ar bhuaidh do chapall an rás? ní baoghal gur bhuaidh: níor bhuaidh in ao’chor. Bíonn sé ag obair go cruaidh ach tá baoghal mór air, nách bhfuil airgead mór aige as: ní haon díol truaighe é n-a thaobh.

baoghalach: *a.* conntabharthach, mairgeach. Bhíodh sé bruigheantach, bagarthach. B’é Tadhg baoghalach é: fear a chuireadh eagla amach agus a bhíodh pras ar achrann do dhéanamh: duine go mbíonn a ainm anáirde lé n-a dhroichmhianach. Duine baoghalach seadh é sin: duine intseachanta. Bíonn an Iodáil ag spochaireacht ar an bhFrainnc, ach is baoghalaighe dhi an Ghearmáin mar is í is treise: is ins an nGearmáin atá a conntabhairt. Is baoghalaighe dho dhuine a shúil ná aon bhall eile: is í an tsúil is fusa do ghortughadh. Is baoghalaighe dhom an madra ná me dho: is cosamhla gurb é an madra do dhéanfadh mo dhíobháil-se agus nách mise a dhíobháil sin. Budh bhaoghalach an aimsir bliadhanta an chogaidh: budh dhíobhálach iad agus budh scannradhthach iad.

baois: *b.2.* díthcéille, olc, báine, aiteas. Ná bí dian ar an leanbh níl air ach baois na hóige: ná bíodh milleán agat air: tiocfaidh ciall fós do. Baois gan ghaois dhuit seadh cuideachta chaithteach do thaithighe ar bheagán teachta isteach: amadántacht chroidhearg dhuit seadh bheith d’iarraidh bheith it fhear chómh maith leó agus gan gustal agat air. Is fadó d’imthigh sé lé baois: ó thosnuigh sé ar bheith ag déanamh rud díthcéille. “Ar chualaís riamh gur shiubhaluigh fear céad míle in aon ló?” – “baois!!!”: rud ná creidfeadh aonne é sin.

baoithe: *b.4.* buige, neamhsheanchríonacht, macántacht, leamhas. Mara mbeadh an bhaoithe atá ag baint leat budh shaidhbhir an fear thu (lé searbhas): mara mbeadh tú bheith chomh neamhghlic sin etc. Ní raghainn isteach ’on bhád san lé n-a baoithe: tá sí eaglach mar tá sí soiompuighthe. Is ar bhaoithe an ualaigh sin: tá leathcheann air, níl sé comhthrom nó codruma. D’fhág long mhór, “An Bharata” Sasana chun dul go hAstráile, níor shroich sí a triall, deirtear gur cailleadh í lé n-a baoithe: fusacht a bhéal do bhualadh fúithe. Fear bocht seadh é go bhfuil baoithe air riamh: buige, gan bheith cruinn nó gasta ’n-a aigne. Tá baoithe ar an mbuachaill um an gcailín: tá cion díthcéille aige uirthe gur cuma leis mar gheall uirthe. Bhí an chuideachta go léir ag ól air lé n-a bhaoithe: bhíodar ag déanamh builg air mar bhí croidhe bog, fial aige. D’iompuigh an bád orainn le n-a baoithe: lé n-a neamhshochracht ar an uisce.

baoithléim: *b.2.* (**baothléim**) léim fhiadhain, thapaidh. Thug an fiolar baoithléim ar an uan: thug sé fogha tapaidh fíochmhar fé. Nuair tugtar iarracht ar chapaillibh fiadhaine do bhriseadh bíonn gach aon bhaoithléim aca lé mire. Screadas ar an ngirrfhiadh sa nid agus thug sé baoithléim lé heagla: léim mhear gan aon triall léi.

baoth: *a.* bog, briosc, neamhshocair, corrthónach, luathinntineach, saonta. D'innseas scéal áidhbhéiseach do agus dhein sé talamh slán de, duine chómh baoth sin seadh é: chreidfeadh sé aon rud. Nadhbhóg bhaoth seadh í sin: ní fhanann sí socair ar a tóin: tá sí guairneánach. Níl aon fear san chómh baoth agus budh dhóigh leat é: chómh hamadántamhail nó chómh soichreideamhach. Tá an clog san baoth ar an bhfalla agus tuitfidh sé: neamhshocair. D'aithnigheas air gur bh'fhear baoth é agus nár thaca lé n-a fhocal é: go raibh sé luaith-inntineach. Ná bí chómh baoth féd chuid airgid agus cóngamh do thabhairt do gach aonne a leigeas air gur naoidhe déirce é: ná bí chómh bog (briosc) fé. Chuir sé an hata baoth go maith ar a cheann: chuir sé ar maig é. Tuitfidh an t-ualach tá sé baoth: tá leathcheann ar an ualach.

baothaire: *f.4.* duine amadántamhail, ceannuaiscneach. Caitheann baothairidhe ban mórán airgid ar éadach a's ar sheódaibh: mná a bhíos ceanamhail ar nidhthibh a thaidhbhsigheas neamhchoitcheann nó taithneamhach.

baothán: *f.1.* amadán; an chlais i gcorp an duine amuigh anuas ón gcromán go dtín ngabhal. Ní dhéanfadh ach baothán dul amach fén sneachtadh san cosnochtuighthe: duine gan tuisgint gan éifeacht.

baothchainnt: *b.2.* cainnt ait, gan deallramh; gan chiall. Baothchainnt duit seadh a rádh go snámhfadh aonne an fharraige sin: cainnt gan chiall. Ní dheinim ach baothchainnt ded ghlór, go bhfuilir ar tí siubhal go hÁth Cliath: níl agat ach cainnt ná fuil fonn ort do chur chun cinn nó ná fuil ar do chumas do chur i bhfeidhm.

baothchaitheamh: *f.1.* caitheamh gan chuimse, gan aon riaghail. Chaith fear san Oileán Úr trí mhilliún dealaer ar a mhnaoi agus chreach é féin tríd; baothchaitheamh dob eadh é.

baothchaitheamhach: *a.* tugtha do bhaothchaitheamh, tugtha do chaitheamh gan éifeacht. Duine baothchaitheamhach an té a chaithfeadh a chuid ar rud gan ghádhtar.

baothfhocal: *f.1.* focal ná meáidhtear n-a cheart sara labhartar é. Ná sceinneadh aon bhaothfhocal uait, mar beidh gach aonne ag faire ort chun lochta d'fhagháil ort: ná fágadh focal do bhéal gan bheith deimhnightheach dá bhun; bíodh fuaimeant leis. Tá aithreachas orm aon rud do rádh a chuirfeadh míoghnaoi ort, baothfhocal dob eadh é agam: focal gan choinne: rith focail.

baothghlór: *f.1.* iomad cainnte áidhbhéisighe, cainnt gan cur léi; gan aon toradh; gan éifeacht; mórdhálach as rudaidhibh seafóideacha, sainnt ait ar lorg suime dhaoine eile. Baothghlór dhuit seadh bheith ghá mhaoidheamh go gceannófá an tigh mór taithigeach san agus gan deich bpúint id spaga. Gheallais go mbéarfá go hÁth Cliath me, go gceannófá éadach dom, go dteasbáinfeá iongtaisidhe na háite dhom, ach níor dheinis,

baothghlór dob é do gheallamhaintidhe. Thug sé dhá uair an chluig ag cainnt go hárd agus go maoidhteach, agus níor léir d'aonne cad bhí ar inntin aige, baothghlór dob eadh é: cainnt gan éifeacht. Chuala beirt bhan ag cainnt ag fuinneóig seódóra indiugh ar na nidhthibh a bhí ar teasbáint innte, go raibh a lithéid seo ag duine aca agus a lithéid siúd ag an nduine eile, baothghlór a bhí ar siubhal aca. Cuir uait baothghlór: labhair go fuaimeantamhail. Baothghlór dho a rádh gur fhoghlumuigh céad líne d'fhilidheacht gan a léigheamh ach uair amháin: cainnt ná creidfeadh aonne: cainnt rómhaoidhteach.

baothlach: *f.1.* greathalach, cábóg, duine gan béasamhlacht, duine tuathalach. A bhaothlaigh, stad, agus ná satail orm: a dhuine thuathalaigh. Ní labharfadh aonne ar an gcuma san lé manoi i dtaobh gníomh fir nuair ná bíonn sé ann ach baothlach: duine gan fios a bhéas. Ní bhein ag cor mo chuid cainnte le baothlach mar thu: lé duine gan tuisgint, gan eolas.

bárach: *f.1.* an lá n-a dhiaidh so, lá ar n-a bháireach. Dubhairt sé Dé Domhnaigh go dtiocfadh sé lá ar n-a bháireach: go dtiocfadh sé Dé Luain. An dtáinig an teachtaire fós? Tiocfaidh i mbáireach: níl aon tsúil lé n-a theacht (searbhas). "Is árd an fear é" – "seadh, tá faid an lae i mbáirigh ann": tá sé an-árd. "An gcualais go raibh dream eile poilitidheachta againn anois? tá sé de chuma ortha go neartóchaid leis" – "ná géill do; níl ionta ach ó indiugh go dtí ambáireach": ní mhairfid i bhfad. Níl i mbeatha duine, tréis an tsaoghail ach ó indiugh go dtí ambáireach: ní fios d'aonne cathain cuirfí deireadh obann léi. Tabhair dom mo chuid airgid anois; ní theastuigheann geallamhaint an lae ambáirigh uaim: ná bí ghá chur ar an méir fhada. "Beidh do dhóthain airgid agam-sa dhuit, ná bíodh aon fhaitchíos ort" – "beidh, ambáireach": ní chreidim focal uait de.

baramhal: *f.1.* tuairm, breitheamhnas. Cad é do bharamhal ar an lá? cad is dóigh leat? – an mbeidh sé go maith nó a mhalairt? Cad é do bharamhal ar an riaghaltas nuadh so againn?: cad é do mheas air. Dréir do bharamhla-sa ní cuirfear Sasana choidhche as an ndúthaigh seo. Is maith an rud nách bhfuil ann ach baramhail: tuairm. Ar mhaith leat mo bharamhal ort?: mo mheas ort. Dréir baramhla na coitchianta tá sé cionntach cé nách bhfuil cruthughadh aca air: dréir a dtuairme nó a mbreitheamhnais. Táim chómh deimhnightheach san im aigne féin ar cad do rinne sé gurbh fhearr liom ar a shon féin gan aon bharamhal do thabhairt air: gan mo bhreith do thabhairt air. Tá an-bharamhal agat asat féin nách bhfuil aonne annso chómh maith leat: tá breis mheasa agat asat féin. Is maith é baramhal na ndaoine air: is mór é a meas air. B'é baramhal furmhóir an choiste go raibh sé cionntach: b'é tuairm na breise é.

baránta: *f.4.* ughdarás, urradhas, cómhacht chun ruda do dhéanamh nó do chosc, ceadughadh, focal do thabhairt, i dtacaidheacht, fiadhnacht iomlán do sholáthar ar son aon ruda. Cad é an baránta atá agat lé n-a rádh go rabhais ann?: cad é an deimhniughadh? Tá baránta maith agat léd scéal: ughdarás maith. Níl aon bharánta agam seilbh do thabhairt duit san tigh seo mar ní liom é: níl aon chómhacht agam. Bíodh mo bharánta agat leis an leabhar san do thógaint: mo chead. Bíodh mo bharánta agat ná cuirfidh aonne mairg ort san áit seo: bíodh m'fhocal mar thacaidheacht agat leis. Ní baránta liom thú: ní bheadh m'iontaoibh asat.

barántamhail: *a.* ughdarásach, inchreidte. Tá an sighneadh sin barántamhail san mbannc so: tugtar tor air ann. Níor thugas aon ghéilleadh dá scéal, dar liom ná raibh sé barántamhail: inchreidte. Ná bíodh faitchíos ar bith ort, tá fear barántamhail id chabhair: fear gur féidir seasamh air. Do labhair sé chómh barántamhail lé haonne dá gcuala riamh ag cainnt: do labhair sé mar fear go raibh ughdarás agus slighe chainnte aige.

barántas: *f.1.* ughdarás gabhtha. Ughdarás gan barántas atá agat. Budh dhóigh leat air ar an slighe labhair sé liom go raibh barántas aige ar mo chorp: labhair sé chómh dána san liom. Tháinig na gárdaidhe agus barántas cuaruighthe aca: cómhacht ón lucht ceannais. Tógadh me gan barántas: gan cómhacht: lé lámh láidir.

barbardha: *a.* borb, cruadhálach, neamhdhaonna, draosta. Nách barbardha an chainnt duit bheith ag mallachtughadh ar dhuine gan chúis: borb. Duine barbardha do bhuailfeadh fear agus é ar an dtalamh: neamhdhaonna, gan mhothúilt. Sé an cúntas do thug Sasanaigh orainne ar theacht annso dhóibh ar dtúis go n-ithtí na leanbhaidhe, go dtugadh máithreacha biadh dá n-ógchlainn de rinn claidhimh, gur bharbardha sinn: gan béasa míne.

barr: *f.1.* mullach, breis, críochnughadh, feabhas, uachtaránacht, tairbhe, cion, sochar. Níl aon nidh de bhárr mo shaoghail agam: níl aon rud buaidhte agam leis, táim chómh bocht agus bhíos riamh. De bharr reatha do rugas ar choinín: lé méid mo chuid reatha. Sin obair thar bárr dul i mbád béaloscailte ó Éirinn go Sasana: obair éachtach, an-mhaith ar fad. Rug na Géanna Fiadhaine an barr leo in a liacht cath: is iomdha cath gur bhuadhadar ar a namhaid. De bhárr dighe do ghoid sé an t-airgead: lé méid na dighe a bhí ólta aige agus gan a fhios aige cad bhí ar siubhal aige. Dóigheadh an tigh ó bhun bárr: dóigheadh an tigh ar fad, ar fad. Sin é mo scéal anois agat ó bhun bárr: sin mo scéal ar fad agat anois. Rug sé bárr féile ar an Mumhain: ní raibh aonne sa Mhumhain a bhí chómh fial leis. Lé bárr baoise do chaith sé a raibh aige ar ól: lé hamadántaidheacht amach a's amach. Bheirim a bhárr duit, a leinbh, ní chuala riamh aonne det aois ag cainnt chómh deiliúsach: tugaim an chraobh duit; cuireann tú iongadh mór orm. Deirtear lé haon rud a chuireas iongadh amach nó a thagas gan choinne leis, "bheirim a bhárr do". Ní fhéadfaidh an long teacht in aice leis an gcaladh go mbeidh sé n-a bharr (bharra) taoide: n-a lánmhara. Sé bárr an donais gur dhearmhadas mo chuid airgid: bhí an scéal olc a dhóthain agam agus é do bheith agam, ach anois is measa ná san é. Lé bárr díomhaointis d'fhág sé a ghort gan cur: ní leigfeadh díomhaointeas do dul ag obair ar a chuid talmhan. Sin barr (barra) maith ubhal: fás maith aonbhliadhna. Rugas an barr air ar choisidheacht: do bhuadhas air ag coisidheacht. De bharr claidheamh do chongaibh mo mhuinntir a bhfearan: le neart claidhimh do rinneadar é. Do bhí Domhnall Ó Conaill go maith ach do bhain Pearnail a bharr de: dob fhearr go mór Pearnail. Do bhí Eoghan Ruadh n-a file mhaith ach do bhain Aodhagán Ó Rathaille a bharr de: dob fhearr é Aodhagán. Cé bhéarfadh bárr dá dtroididís: cé bhuadhfadh? Seachtmhain thar barr amach dob eadh Seachtmhain na Cásca: budh dheacair seachtmhain ní b'fhearr ná í d'ainmiughadh. Le barr feirge d'fhóbair a leanbh do chaitheamh ar an mbáille ó ná raibh aon rud eile aice chuige: fearg ag baint a céille dhi. Lé barr sainnte chun buaidhte ghoideadh sé cártaidhe i ngan fhios: bhíodh an oiread san sainnte air. Le barr eagla do theicheas ón dtarbh: ní raibh sé de mhisneach agam an ball do sheasamh. Le barr gliocais ní mharbhuigheann a

sionach creach in aice a phruaise: bíonn a fhios aige go mbeithfí breis ar a thóir. Do rug Déirdre barr scéimhe agus maise lé n-a linn: ní raibh aon bhean chómh sciamhach ná chómh maiseamhail léi. Ar a fhearamhlacht níl a bhárr ar an mbaile seo: níl aon fhear ann níos fearamhla 'ná é. Tá mná na hÉireann chómh háluinn sin go mbíd ag baint barr áig dá chéile: is deacair a réidhteach cé hiad eatartha is áilne. Tá an Ogham Chraobh ar an ngalán so chómh millte sin nách féidir bun ná barr do bhaint as: ní féidir le haonne í do léigheamh. Ní bhfaighim bun na barr lé n-a óráid, tá sí chómh casta san: ní thuigim in ao'chor í. Theastuigh bun a's barr an scéil ón mbreitheamh sara dtugadh sé a bhreith: ní bheadh sé sásta gan an cúrsa os a chómhair do bheith ar eolas go maith aige. Connus taoi? - táim i mbarr bláth: ar fheabhas ar fad. Cheannuigheas an tigh sin thar a bharr (bharra): cheannuigheas é amach a's amach. Barr (barra) an méid gráine nó toraidh nó a lithéid a gheóbhfí ó ghort aonair nó in aon tsaosúr. Is maith na barraidhe atá ann ambliadhna. Sin barra maith féir. Níl barra seagail chómh maith lé barra coirce. Thána isteach ar barraidhe mo chos ar eagal go gcloisfí me: go han-éadtrom. Tá an barr (barra) buadha ag Éirinn ar an saoghal uile he háilneacht: is í an tír is áilne sa domhan í! Barra taoide: níl sé n-a bharra taoide fós: níl sé n-a lán mara. Fós barraidhe taoide an fhóghmhair is siad is aoirde. Barra buadha: úirlis mhileata ceóil. D'órduigh Fionn an barra buadha do shéideadh: d'órduigh sé an gléas so do shéideadh chun catha. Barra fuar: doradha nách mbíonn iomchar air: luadh nó rud trom eile chun a thabhartha fé loch. Ní bhainfeadh an diall fén a bharr (bharra) dhe: ní féidir bheith glic a dhóthain do. "Tá a bharra go maith agat", deirtear lé duine go mbíonn rud buaidhte le haon teangbháil nó lé haon ghnóth nó obair.

barra brúch: an can a thagas ar bhainne beirbhthe nó a lithéid. Ná hól an bainne sin go mbainir an barra brúch de. Fic **brababhach**

barrachaithte: na snáithínidhe do bheith lé feicsint in éadach: an taobh amuigh d'aon rud agus cuma chaithte air go raibh sé in áis lé tamall. Is mithid duit casóg nuadh d'fhagháil, tá sí sin barrachaithte. Tá do bhróga barrachaithte go maith budh cheart duit a malairt d'fhagháil i gcoir an lae shaoire. Ní thig liom scríobh go slachtmhar leis an bpeann mbarrachaithte seo.

barrach méise: Duine mustarach gur mhian leis bheith i gceannas barrach méise seadh thu: táir d'iarraidh bheith id cheann nó ag leigeant ort nách bhfuil aonne eile i láthair mar thu. Níl ionat ach barrach méise: duine tósdalach gan cur leis agat.

barra coise: lasca lé fíor-bharr na coise. Thug sé barrchoise dhom: bhuail sé le barra a choise (bróige) me.

barradh: (*bárrtha*) gabháil lastuas de, sárughadh. Níl fear do bhárrtha san oifig: níl aon fhear san oifig do sháróchadh tú ar do ghnó. Ná bíodh aon bhaoghal bárrtha ort: ná bíodh aon eagla ort go sárófár tú, ná go mbuaidhfear ort.

barra-dhóighim: *b.a.* dóighim uachtar nó an taobh amuigh d'aon rud. Barra-dhóigheann an cat é féin ó bheith cois na teine: chídhfeá barr an fhionna dóighte ag an dteine. Barradhóigheann teas fada an geamhair agus an féar sa tsamhradh. Ag déanamh aráin

táidhte dhom do bharra-dhóigheas mo mhéireanna. Bharra-dhóighidh ceann an chipín sin agus cruaidhfidh sé é. Druid siar ón dteine sin táir barra-dhóighte aice: tá iomad agus do dhóthain teasa fachta agat uaithe. Barra-dhóighfidh an bearbóir do chuid gruaige ar réal. Móin bharra-dhóighte: móin a bhíos ag dóigheadh ar feadh tamaill agus a mhúchann.

barra fuar: (fic **barra**) seadh doradha gan iomchar air. Cuirtear ag iascach nuair bhíonn an t-iasc éadtrom .i. in aice uachtair uisce.

barraghad: *f.1.* téadán nó ceangal breise do cuirtear ar bheart chun é do dhaingniughadh. Is minic gur déanta de thuig chasta do bhíonn gad.

barraghob: *f.1.* fíor-chinn guib an ruda. Cuir barraghob ar an bpeann luaidhe san: cuir barr géar air. Ní fheaca riamh thu ná go mbeadh barraghob cainnte ort: ag síorchainnte agus nách féidir cosc do chur leat.

barraim: *b.a.* cuirim ceann géar ar rud, críochnuighim cruach mhóna, féir, coca, falla, etc. Tá an lá caithte aige ag barradh na dtuigidhe: ag cur báirr ghéir ortha. Is mithid an coca bheith barrtha agaibh: é do bheith chun barrtha agus críochnuighthe. Do bharras an chruach mhóna lé geitridhibh: chuireas díon geitridhe uirthe.

barraliobar: *f.1.* fuacht ar bharraidhibh na méar nár bhféidir lé duine scríobh go cruinn, cuir i gcas, nó breith ar aon rud go daingean: fan go dtéidhead mo lámha tá barraliobar orm agus ní fhéadfainn scríobh leó. Nách mór an barraliobar atá ort ná féadfá do ghreim do choimeád ar an dtairnge seo: greim neamhdhaingean. Cuireann fuacht an gheimhridh barraliobar ar mhéireannaibh dhuine: bíonn siad i slighe nách féidir feidhm do bhaint asta go nádúrdha toisc ná bíonn an fhuil ag rith tríotha de dheascaibh an fhuachta.

barránach: *f.1.* garsún nó ógánach. (Tá an chiall so leis caillte anois nách mór agus tagartar é lé duine go neamhmheastamhail). Seachain tú féin ar an mbarránach san, níor bhain éinne riamh ceart de: duine seadh é nár bhféidir leat iontaoibh do bheith agat as ná go ndéanfadh sé do dhíobháil. "Nách maith an barránach é", deirtear i dtaobh dhuine go mbeadh rud neamhcheart déanta aige. "Á, a bharránaigh!" déarfá lé bitheamhnach nuair bhéarfa 'sa bhfoghail air, nó ag iascach, cuir i gcás, agus go mbeadh iasc dhá choimheascar agat agus bheadh ar tí imtheachta uait ach nuair bheadh daingean agat. "Á! a bharránaigh" lé haon rud bheadh d'iarraidh an lámh uachtair agus go gclaoidfí é nó go bhfaighfí amach a aigne, duine a bhíos d'iarraidh aon nidh do dhéanamh i nganfhios. Cad as an barránach?: cad as an duine iasachta? (ná beadh t'aithne air nó gur chuma leat é). Duine a bhíos i bhfeighil a mhaitheasa féin do shíor. Barránach maith é sin: duine é gur air féin do bhíonn sé ag cuimhneamh i gcómhnaidhe: nách bhfaigheann neach eile faic dá bhárr. Budh mhaith an barránach Lloyd George an tslighe do chuir sé an margadh orainn dár n-aindeóin: glic, cúinseach. Chídhtear mar sin gur b'é an chiall atá lé barránach: duine glic, cúinseach, intseachna. Is maith an barránach thu: is duine thu gur mian leis rud éigin do dhéanamh léd ghliocacht, dar leat.

barrathuisle: *f.3.* cinneamhaint, tuiteam trí theip coise do chur fé i gceart nó bualadh ar rud éigin. Baineadh barrathuisle asam: bhuaileas mo chos i gcoinnibh ruda éigin agus

leag me. Tá barrathuisle sa chapall san: ní thugann sé a chosa i gceart leis go mbuaileann i gcoinnibh rud éigin agus imthigheann ar bhior a chinn. Baineadh barrathuisle aiste nuair bhí sí óg: do ráinig go raibh leanbh gréine aice. Ná bíodh aon barrathuisle id ghnó: ná bíodh aon locht ann, nó ao'nidh in easnamh go mbeithfí ag gearán ort mar gheall air.

barrfhaobhar: *f.1.* beagán faobhair. Cuir barrfhaobhar ar an sciain, ar an speil, ar an rásúir: faobhar ná beadh róghéar.

barrfhód: *f.1.* an fód a bhíos ar bharr portaigh nó cruaiche nó fothfhód. Bain an barrfhód agus caith uait mar níl aon mhaith ann. Níl aon rud gan cur i gcruaich anois ach barrfhód: fód annso agus annsúd.

barrghal: *f.3.* rud gan tábhacht; díg adhbhair: díthcéille. Dar leis an bhfeirmeóir nách bhfuil ach barrghal (oibre) in aon ngnó ach n-a ghnóth féin. Níl ann acht barrghal bheith ag obair dhá lá sa tseachtmhain: ní haon duadh é nó ní thagann sé chun suime. Chun tighe do thógaint níl ins na clochaibh sin ach barrghal: níl mórán maitheasa ionta. Ní ghním ded chuid cainnte ach barrghal: ní chuirim aon tsuim san méid atá dhá rádh agat. "Barrghal, a dhuine": fastaoim, díthcéille. Níl ach barrghal i siubhalóid seachas rámhaidheacht: níl sí in ao'chor i ngiorracht do bheith chómh dian.

barróg: *b.2.* gréim géag i dtímcheall, greim tinnis gan teacht le ceart cainnte do bheith ag duine. Rugas barróg uirthe lé cion uirthe: chuireas mo dhá láimh n-a tímcheall. Tá barróg ar mo chroidhe: tá buairt air, nó braithim teannadh éigin air. "Mhuise, dhá bharróig ort": "léan ort", ach ní lé drochaigne deirtear é. "Dhá bharróig ort, a leinbh ná fanfadh socair", déarfadh máthair nuair bheadh sí míoshásta lé n-a leanbh. "Dhá bharróig ort nár tháinig airéir chughainn, mar bhí ríorá an domhain againn": cad é an mío-ádh nách dtáinig tu. "Dhá bharróig ar aonne a chabharfadh leis": níor cheart d'aonne cabhradh leis mar ní bheadh gádh aige lé cabhair mara mbeadh a dheáibreacha féin. Nuair bhíodar ag iomarascáil rugadar barróg dhaingean ar a chéile: d'iadhadar a ngéaga go dlúth, láidir ar a chéile. Tá barróg ar a theangain: ní féidir leis a úrlabhra do chur de go nádúrdha. Labhair amach! cad é an bharróg so ar do theangain: cad é an mhoille cainnte atá ort? Chuaidh mo chos i mbarróig (idir dhá chloich) agus níor bhféidir liom a tarang: i ngreim daingean. Thógas im bharróig é: chuireas mo ghéaga n-a thímcheall agus d'árduigheas chugham é. Sin falla atá tógtha go maith, tá na clocha ag breith barróige ar a chéile: ag greamughadh a chéile go dlúth, daingean.

bas: *b.2.* íochtar na láimhe, an deárna oscailte leathta amach, aon rud i gcruth na láimhe leathta amach, mar atá bas maide rámha, an chuid de cuirtear san uisce, bas camáin: an ceann cam de do bhuaileann an liathróid, bas carraige, fánaidhe i rith síos ón bhfarraige, baile éadtrom, cuid mhaith. "Tá sé go deas agat dá mbeadh sé ar do bhais agat", deirtear é seo le rud a bheadh ag duine eile go mbeadh meas aige air agus ná beadh aon mheas agat-sa air. Thug sé bas airgid ar an dtigh sin: thug sé mórchuid airgid air, oiread agus nár bhfiú é, dar leat. Dá gcuirinn ó bhais go bais é ní bheadh sé sásta: pé rud do dhéanfainn do ní fhéadfainn é do shásamh. Cuimil bas uisce det aghaidh, tá sí anshalach: tabhair beagán nigheacháin di. Ambasa bead-sa ann chómh maith lé duine: ar mo bhriathar go mbead ann, níl teip orm. An rabhais in Áth Cliath riamh? ambasa, bhíos: nidh nách

iongadh do bhíos. Baise gheal: iasc beag slinn ar nós na leathóige. Basadh: ag cimilt na mbas de. Bhí an mháthair ag basadh a leinbh go ceanamhail dhá shlíobadh. Tugadh bas sa tóin do: cuireadh an ruaig air. Ní rabhamair ach ag basghal (rámhaidheachta): ag rámhaidheacht go mall, réidh. Ná buail barra baise orm: ná teangbhaidh liom, ná bain liom. Ní bhein ag cimilt bhaise dhíot: ní bhein ag tláithínteacht leat: d'iarraidh tú do cheannsughadh chun caradais. Fuaireas clabhta baise: buille leis an láimh oscailte. Labhair sé chómh maith san go bhfuair sé bualadh bas ón lucht éisteachta: cómhartha áthais. Nuair chuala sí gur báidheadh a fear chaith sí an lá ag bualadh (ag greadadh) a bas: lé brón. Tabhair bas do: tabhair buille dho. Táim ag déanamh cístidhe baise: cístidhe beaga tanaidhe, mar deintear ar fhriochtán, d'uibhibh, de phlúr, d'uachtar etc. Ní dhéanfadh m'fhear lán mo bhaise orm: is cuma cad d'iarrfainn air do dhéanamh dom ní dhéanfadh sé é. Níl oiread do bhaise san méid talmhan atá aca: fíorbheagán talmhan atá aca. Dhein leathad mo bhaise de chíste dhom mar tá ocras orm: císte beag. Ní bhein im bhais chait agat: ag déanamh do thola ar gach aon ócáid, ar do chur, féd réir.

bás: *f.1.* críoch beatha, éag. Bead leat go bás: go deireadh mo shaoghail ní thréigfead tu. Ó aois go bás: ar feadh beatha dhuine. Is iomdha anródh bheireas ar dhuine ó aois go bás do: ar feadh a bheatha bíonn duadh éigin air. Rud báis. Níl ionat ach rud báis: duine gan phreab, gan anam. Ní fheaca riamh air ach cuma an bháis: cuma mharbh. I riocht bháis: i mbéal báis: le hucht bháis: ar barrghal báis. Is fada théarnuigh sé agus é i riocht bháis ar feadh coighcís. Linn bháis: tráth (am) báis. Lé linn bháis an talamh ag an mac budh shine: dob é a inntin dheireannach ar an saoghal so an talamh do bheith ag an mac san dréir dlighe. Siubhaluigh, nách tú an bás: duine mall, míothapaidh (ar aon rud) mílítheach gan anam. Go lá mo bháis beidh cuimhne agam air: tá sé chómh ceangailte sin im aigne ná dearmhadfad é faid mhairfead. Tair isteach ón bhfuacht nó beidh an bás agat: cuirfidh an fuacht chun báis thu. Má fhanair fé tá an bás agat: tá drochchuma ort. Nách truagh ná rabhais i láthair a bháis: ins an áit agus ar an uain gur éag sé. Seadh, ní raibh aon dul as aige, dob é láthair a bháis a bhí ann: is ar an bhfód san ní hin aon áit eile ba dhán bás d'fhagháil. Beidh do bhás orm muna leigir dom: marbhócad thu muna stadair. Beidh do bhás air mara mbíonn an obair críochnuighthe agat roim Shatharn: beidh milleán throm ort etc. Fasan a rud báis: fág mo shlighe ar an mball. Trúin bháis seadh an taom so, tá eagla orm: cómhartha báis seadh é. Buille báis do thug sé dhom: buille gan anam: níor bhraitheas puinn é. Ní haon bhuillidhe báis buillidhe Sheáin Uí Dhíomsaigh: buillidhe troma, conntabharthacha, fuinneamhla. Is breágh an rud an bás seachas bochtanacht: b'fhearr dho dhuine bheith marbh ná bheith bocht. Fágaim lé hudhacht bháis go bhfuil mo mheabhair bainte dhíom ag mo chlainn: dearbhuighim go láidir go bhfuil etc. Féach, an bás: an duine lom, caithte, seirgthe. D'imir an lucht coimeádta bás ar a gcimeachaibh: chuireadar chun báis iad. Bás dorcha: an t-ainmhidhe sciathánach (amhail leathar) a eiteallas tímcheall ist oidhche go mórmór leis an gcróntráth; duine duairc, neamhchainnteach. Ná bí id bhás dhorcha: bí sultmhar, cainnteach. Tá an bás agat ag an mbáistigh: táir chómh fliuch san ag an mbáistigh go bhfuilir i mbaoghal breóidhteachta báis d'fhagháil as.

básadán: *f.1.* duine lag, drochshláinteach. Riamh, riamh, tá sí n-a básadán: gan a sláinte. Básadán duine seadh é, ní bheadh a chuid bídh ithte aige go cionn uaire an chluig: duine míothapaidh.

básaim: *b.a.* cuirim chun báis. Básóchaidh an biadh san thu lé n-a olcas: cuirfidh sé chun báis thu. Básuigheadh é lé linn an iomchogaidh: cuireadh chun báis go neamhcheart é. Cad bhásuigh é chómh luath san n-a shaoghal?: cad chuir chun báis é. Bhásóchadh an tigh seo duine lé n-a fhuaire: thabharfadh sé an bás do dhuine.

básán: *f.1.* (**básadán**) duine neamhanamamhail. Ní shiubhalóchadh an básán san fiche míle i mbliadhain.

bascadh: *f.1.* cosc, éigean, milleadh, gortughadh, gonadh. Bascadh ort: go raibh gortughadh ort. Bascadh agus leónadh ort: gortughadh mór millteach ort (sin drochghuidhe). Ná déin aon bhascadh don nduine sin: ná goirtigh é. Nár eirighidh aon bhascadh dhuit: nár bhainidh ao'nidh as choidhche dhuit. Bíodh mo chapall ar iasacht agat, ach seachain a bhascadh: bí an-aireach air. Is mór an bascadh dhom nách dtáinig mo chuid airgid in am agus na báillidhe im thigh: budh mhór an cursiar agus an mío-ádh dhom é. Ní tháinig an bád i dtalamh fós tá súil lé Dia agam nách aon bhascadh thárlaidh dhi: nách aon chinneamhaint gan choinne atá ghá moilliughadh. Fuaireas tuiteam basctha nuair thuiteas de bhuaic an tighe: tuiteam goirtightheach. Stad de bhualadh an duine sin táir ghá bhascadh: ghá ghortughadh. Fuair an gluaisteán bascadh maith nuair bhuail sé ar an gclaidhe. "Bascadh a's bádhadh ortha" go ngoirtighthear iad agus go mbáidhtear iad (an-dhrochghuidhe).

bascaim: *b.a.* goirtighim, millim, coiscim ar dhul ar aghaidh; buailim go dian. Ná basc tú féin leis an ualach trom san: ná goirtigh tú féin leis an ualach trom san: ná goirtigh tú féin leis. Ní bhascfadh sé é cabhair do thabhairt dom: ní dhéanfadh sé aon díobháil do, aon chursiar mór. Dhéanfadh sé bascadh duit i gcóir an bhóthair drochrothar do bheith agat: dhéanfadh sé cursiar nó moilliughadh mór ort. Bascadh go maith san mbauighin thu: goirtigheadh go mór thu. Cad do bhasc do shrón go bhfuil sí cam? cad ghoirtigh í? Ní haon iongadh dho aigne bhascuighthe do bheith aige: ní haon iongadh a aigne bheith goirtighthe, buartha.

basleathan: *a.* fear basleathan dob eadh é: fear go raibh basa leathana breághtha air. Maididhe rámha basleathana: maididhe go mbasaibh leathana.

basluath: *a.* go tapaidh in áis na lámh mar bean ag fuagháil, cléireach ag deascadh leitreach, duine ag piocadh pocaidhe, ceóltóir ar na téadaibh.

basóg: *b.2.* buille beag, éadtrom leis an láimh oscailte; tonntacha beaga, éadtroma farraige; oiread agus raigheadh ar bhais duine de rud mar uisce etc. Fuaireas basóg uaithe nuair thugas iarracht ar í do phógadh. An raibh an fharraige garbh? ní raibh ann ach basóg. Caith basóg uisce san aghaidh ort féin: lán scáiltín nó mar sin.

bastalach: *a.* scléipeach, blomasach, go míomhúinte nách mór. Ní dócha gur cuimhin leat é mar bhís anshúgach go rabhais bastalach airéir. Is bastalach do bhuail sí síos fén sráid n-a culaith nuadh: tóirtéiseach. Ná bí chómh bastalach san liomsa, níl sé ar do chumas: ná bí chómh mustarach míomhúinte sin.

bastairt: (ní díochlaontar) duine nách saoghaluightear i gcleamhnas, duine droichbheartach, neambéasach. Ní dhéanfadh ach bastairt goid ó dhall: an-dhrochdhuine ar fad do dhéanfadh a lithéid. Druididh amach as mo shlighe, a scata bastairtidhe: sheachnaidh, a scata dhrochmhúinte. Bhuail sé gan aon chúis thu? – nách é an bastairt beirthe é!: drochdhuine amach 's amach ar fad: saoghaluigheadh mar sin é. Budh bhastairt thu mara mbeithfeá galánta: budh dhual duit do bheith galánta: ní bheithfeá ag dul léd mhuinntir mara mbeithfeá fial, galánta.

bastún: *f.1.* duine neamhmhúinte; amadán. Bastún duine seadh é, ná cuir aon eadh ann: duine gan eolas, gan béas, duine tuathalach. "Éist! a bhastúin": bí id thost, a dhuine gan béas. "Ní mise an bastún ach tusa": is tusa ná fuil an tabhairt suas ort. Taim im bhastún agat: táim im amadán agat. Bastún capaill seadh é: capall mór gan mórán nirt dréir a dheallraimh.

bastúntaidheacht: *b.3.* tuathalacht, neamheolas. Lé bastúntaidheacht do rinne sé é: lé ceal eolais.

bata: *f.4.* maide, adhmad, cuaille, crann. Bata gaoithe: gaoth láidir, oiread agus go mbeadh crann báid (luinge) ag lúbadh fé. Go hoban tháinig bata gaoithe. Bíd ag obair ar lán an bhata: ag obair go handhian. Táimid ag ól ar lán an bhata: ag ól a's ag taoscadh go mear. Ag foghluim, ag scríobh, ag rith etc. ar lán an bhata. Fuair an cliamhain isteach bata a's bóthar ó mháthair a chéile: chuir sí an ruaig air. Tugadh bata a's bóthar do: cuireadh amach é (as aon áit, oifig, gnó, cúram etc.). An bata buaic: an raighilse a ritheas i ndrom an tighe ó bhinn binn. Bata corrach: cluiche ag beirt leanbh, duine aca ar gach re ceann de bhata go mbíonn taca fé n-a lár agus go n-éirigheann a's go n-ísligheann gach re ceann de. Bata snaidhmthe: an bata brollaigh anairde fé bhuaic an tighe ó leathchúpla go leathchúpla. Bata croise: maide croise: bata siubhail go mblúire treasna ar a cheann le cur fén oscail. Bata rámha: maide rámha. Fuair sé faobhar bata ón múinteóir: do bhuail an múinteóir é. Seachain faobhar an bhata: seachain ar eagla go gcuirfí smacht le bata ort. Seán, Séamas etc. an bhata: fear troda.

bathalach: *f.1.* duine, ainmhidhe nó rud míochúmtha. Cómhnuigheann sé i mbathalach tighe: tigh míochúmtha, salach nó mór neamhshlachtmhar. Bhuail Séamas chughainn isteach agus bathalach madra in aonfheacht leis: madra mór giobalach míochúmtha. Fág mo shlighe a bhathalaigh: a dhuine thuathalaigh. Níl ionat ach bathalach: duine gan múineadh.

batráil: búrdáil, bualadh agus suathadh. Fuair an bád batráil mhaith ón bhfarraige: tuargaint agus bascadh. Tugadh batráil duit, a fhir bhoicht: bualadh agus gortughadh. Batráil agus ionnsaidhe: bualadh agus tabhairt fé dhuine. Tá batráil ar siubhal sa thigh tábhairne sin: bruighean, troid. Tá batráil fachta ag mo sheanhata: tá suathadh fachta aige ón ngaoith, nó ó phasáil air, nó aon tsaghas eile droichíde a fhágas a rian air. Cúisigheadh sa chúirt mé lé n-a bhatráil: a ghortughadh.

batrálaim: *b.a.* buailm a's bascaim. Tá mo cheann batrálta agat leis an mbata san: goirtighthe agus a rian air. Tá an falla batrálta go maith ag an bhfarraige: suaidhte agus leagtha.

beach: *b.2.* Tá an fear san ar nós na beiche: lasánta, is furaiste fearg do chur air. Nách tú an bheach: an duine gan ruthag (foidhne), duine soifheirge.

beachanta: *a.* cealgach, soifheirge, nimhneach. Nách beachanta an bhean í: tá faobhar a teangain. Ná bí chómh beachanta san: ná bí chómh nimhneach, cealgach. Thug sé fén obair go beachanta: chuaidh sé i bhfeighil oibre go fuinneamhail.

beacht: *a.* gan fé nó tharais, go cruinn, dian (dréir tómhais críochnughadh oibre etc.), sonnradhach, cinnte, dearbhtha, tráthamhail. Tá an t-airgead go beacht annso agam duit: an uile phingin do theastuigh uait tá sé agam duit. Thána ar a trí a chlog go beacht: gan bheith roimh ná tréis a 3 a chlog. Ná bí chómh beacht san orm: ná bí chómh dian san orm. Nách beacht ataoi: nách cáiréiseach ataoi i dtaobh ruda do bheith déanta (nó ann) go hiomlán. "An bhfuil do dhóthain airgid agat chun dulta go hÁth Cliath?" – "beacht a dhóthain": dian mo dhóthain orm má tá. "An bhfuil do dóthain adhbhair agat chun hata do dhéanamh?" – "is beacht é": ar éigean é. Is beacht má shroicheann sé an baile anocht: beidh sé dian air é do dhéanamh. Duine an-bheacht seadh é i dtaobh oibre oifige: teastuigheann uaidh gach aon rud bheith go cruinn i gceart agus i gcóir. Thug sé cainnt bheacht uaidh ghom fhreagairt: cainnt gan iomad focal agus sothuigse. Bítear an-bheacht orm i dtaobh mo chuid oibre: bítear dian orm gach ao'nidh do dhéanamh gan teip ná easbhaidh.

beachtaidheacht: *b.3.* beart breitheamhantais ar aon rud dréir a cáilidheachta: bíonn tú i gcómhnaidhe ag beachtaidheacht orm: d'iarraidh lochta d'fhagháil orm nó ar mo chuid oibre.

beachtaim: *b.a.* tugaim fé ndeara. Cad bheachtann tú thiar annsúd ag bun na spéire? - long.

beadaidhe: *a.* milisbhéalach, ceanamhail ar shóghail. Duine beadaidhe seadh é: tá cion aige ar bhiadhaibh a's dheachaibh maithe. Ná bí beadaidhe: ná bí dúlmhar. Arsa an Connachtach tráth, "nách beadaidhe é an Muimhneach": nách ceanamhail atá sé ar nidhthibh maithe dá bholg.

beadaidhe: *f.4.* duine ceanamhail ar shóghalaistidhibh na colna. "Beadaidhe! beadaidhe!", deirtear ag glaodhach ar ghé.

beag: *a.* (gan díochlaonadh) Is beag liom leathchoróin sa ló mar thuarasdal: nílim sásta leis, mar, dar liom, gur fiú breis me. Is beag dom deich n-acra talmhan chun maireachtana air: níl mo dhóthain talmhan ann. Is beag orm thú ná do chuid scaothaireachta: níl aon mheas agam ort féin ná ar do chuid cainnte. Is beag nár leag an ghaoth me: ní mór ná gur leag an ghaoth me: d'fhóbair go leagfadh an ghaoth me: ní raibh ach a rádh nár leag an ghaoth me: thuit sé amach nách mór. Táim beag agus bheith réidh dhuit: níl mórán gan

déanamh agam anois id chóir. Táim etc. leis: tá sé críochnuighthe agam nách mór (obair). Táim beag nách réidh leis an scoil: ní fada go n-éireóchad aiste, go mbeidh mo thréimhse caithte, nó go gcaithfear aiste me. Ní beag liom do chasóg ort gan bac léd hata: do dhéanfadh do chasóg an gnóth chun mo shásta-sa gan an hata in ao'chor. Ní beag dom aon bhailightheóir cánach amháin gan beirt: tá mo dhóthain mór in aonne amháin aca. Anois beag: tamaillín ó shoin, ó chiainibhín, nó i gcionn tamaillín. Seadh, seadh, is ait sin, cá bhfuil mo hata a bhí annsan anois beag: tamaillín beag ó shoin. Bíodh foidhne agat bead chughat anois beag: i gcionn tamaillín, gan mórán moille. Ní beag san; tá do dhóthain ráidhte agat. Ní beag san: is leór san. Is beag má tá sé fiche bliadhain: is ar éigean anois fiche bliadhain do bheith aige. Sin é Seán beag: Seán óg. Budh bheag air púnt do chaitheamh: ní chuimhneóchadh sé an dara huair air. Is beag agam na daoine sin: ní mór é mo shuim ná mo mheas ortha. Is beag má tá sé ag baile fén dtráth so: tá sé dícheallach air bheith ag baile um an dtaca so. Ní raibh mór riamh ná beadh beag: na daoine is muinnteardha a bhíos tagann easaontas eatartha. A bheag ar a mhór is maith an fear é: trí n-a chéile is maith an fear é. Ní raibh a bheag ná a mhór de leabhar aige: ní raibh aon leabhar in ao'chor aige. Is beag ó n-a dó a chlog anois: tá sé i ngiorracht do n-a dó. Cá beag duit airgead do bheith agat gan bac lé talamh?: nách leór duit airgead etc.? Chonnac an Satharn beag so é: an Satharn so caithte. Is beag an scéal thu bheith bocht mar nuair bhí airgead agat chaithis go haindeis é: ní haon truagh thu. Ní beag liom a luaithe thiocfad, ná bí ag béicigh orm: róluath dom dhóigh. Ní beag (beil) liom díot, táim cráidhte ód chuideachtain: táim dóthanach díot. Bhí sé bliadhanta beaga san Oileán Úr: fíorbheagán bliadhan (fic bliadhanta buana). Tháinig sé leis an dtráthnóinín beag: tráthnóna deireannach. Is mór iad na beaganna i bhfochair a chéile: "bailigheann brobh beart": dá luighead rudaidhe nuair cuirtear i dteannta a chéile iad deinid tiomargan. Ní beag dom de dhuadh thu: cuireann tú cúram mo dhóthain orm. Tá na bróga san maois beag duit: táid róbheag duit.

beagán: *f.1.* Tá beagán airgid aige: tá oiread aige agus nách gádh dho gearán ach níl acht beagán airgid aige: níl puinn in ao'chor aige. Beir ar bheagán den mbiadh so: cuid anbheag do gheobhair sé sin má gheibhir aon nidh in ao'chor. Beagán do chuid den airgead so: ní bhfaighir-se ach an chaolchuid de. "Beagán ratha ort" (drochghuidhe): ná raibh aon rath in ao'chor ort. Is minic a deirtear é seo, leis, ag cur míchéadfadh in iúil gan aon drochaigne do bheith ag an té a labhras. Beagán ratha orm-sa féin nár dhein an obair agus gan bheith ag braith ar fhuairthé duine mar thusa. Bíonn blas ar an mbeagán: nuair is lugha an rud go mbíonn gádh leis seadh is tábhachtaighe againn é. Bhí sé ó bheagán go beagán gur thuit sé ar meisce: bhí sé ag ól braon beag anois agus braon beag airís go dtí gur bhain an deoch an bonn uaidh. D'árduigh sé leis mo chasóg as an bproinnteach gan a bheagán d'iongadh thríd air: budh dhóigh leat air gur leis féin í. Táim ar bheagán buidhne anois: níl mórán carad nó gaol nó lucht leanamhna agam.

beagmhaith: (**beagmhaitheasach**) *a.* gan féile, gan mórchroidheach, leithleachais. Loirg an bacach déirc sa tigh sin. Ní bhfuair, daoine beagmhaith atá ann. "Imtheóchad anois", "beagmhaith!" ródheidheanach. Beagmhaith do dhuine ór nuair bhíonn díothshláinte air. Buachaill beagmhaith tímcheall an tighe seo seadh thu, a Shéamais: ní ghnír aon obair ná ní ghnír aon rud d'aonne. Beagmhaitheas.

beagmhaitheasach: *a.* gan déanta maitheasa d'aonne nó gan fagháil maitheasa de chionn. Duine beagmhaitheasach seadh é sin, d'eitigh sé me ar iasacht scillinge: duine seadh é ná déanfadh maitheas d'aonne nó ná cuirfeadh comaoin ar aonne. Rud beagmhaitheasach seadh iascaireacht anois, mar níl aon luach ar iasc: ní bhíonn aon rud de bhárr bheith ag iascach.

beagnách: [**beagnach**] *d-bh.* i ngiorracht do; nách mór. Táim beagnách tachtuighthe gem bhóna, mar tá sé róchumhang dom: i ngiorracht do bheith tachtuighthe: tá sé ag baint m'anáile dhíom.

beagnidh: *f.4.* rud neamhtháb hachtach. Nuair chuala go rabhais breóidhte ní rinneas de ach beagnidh mar nár shaoileas go rabhais chómh dona san: níor chuireas aon tsuim ann. Beagnidh seadh lámh thinn seachas súil thinn: ní fiú trácht ar láimh i gcómhnáird lé súil.

béal: [**béul, beul**] *f.1.* Tá béul mór ort: tá an iomad cainnte agat; ní duine thu a choimeádfadh rún. Beul uachtair, beul íochtair. Tá croimbéal ar mo bheul uachtair agus féasóg ar mo bheul íochtair. Tá DeV, Hitler, agus Musailíní i mbéul gach aonne: gach aonne ag cainnt ortha. Tá m'athair i mbeul na huaighe: tá aos mór aige. Áit dob eadh é go raibh beul na farraige air: ní raibh foithin ná cosaint ón muir air, ach é go scéirdeamhail. Suidh ar mo bheulaibh (ar chapall, rothar, i mbád, i ngluaisteán): suidh romham amach. D'fhág sé a rann san mbeul gearrtha: ins an áit den iomaire do baineadh go déidheanach. Seadh táid i mbeul treabhtha sa deireadh: táid i dtosach oibre. Deirtear lé duine breóidhte, 'go gcuiridh Dia i mbeul na maitheasa dhuit': go dtugaidh Dia do shláinte dhuit, go raibh feabhas ag teacht ort feasda le cabhair Dé. Comharsa béil dorais dom seadh an fear san: cómhnuigheann sé go hathchomair dom. Má dheinir drochrud cuirfir t'ainm i mbeul na ndaoine leis: cuirfir gach aonne ag cainnt ort, fuair sé púnt uaim leis an mbeul bocht: tríd an méid cnáimhseáin a bhí air thugas do é. Is milis an beul atá uirthe: bíonn cainnt bhladardha phlámásach aice. Ná bíodh droichbheul ort le haonne: bí múinte béasach lé gach duine. "Is binn é beul n-a thost": "is minic bhris beul duine a shrón", "níor bhris deaghfhocal fiacal riamh": an té is lugha cainnt sé is feárr: ní féidir locht d'fhagháil ar an bhfocal nach labhartar. An rud atá innste agam duit ná habair lé haonne é ar eagla go mbeadh sé ag imtheacht ó bheul go beul: bheadh sé n-a ráfla ameasc daoine. Tá an scéal imthighthe ó bheul go beul: fóirleathanadamhail. Ná leig as do bheul lé haonne beo an rún do thugais duit: ná déin oiread agus cuimhneamh ar é d'innsint d'aonne a mhaireas. Ná labhraidh as bheulaibh a chéile, nó ní thuigfead cad bheidh dhá rádh agaibh: ná labhraidh go léir i dteannta a chéile. Tháinig cúbhran leis an mbeul aige: tháinig fearg mhór air. Ní bhím ag dul isteach i mbeulaibh na bpóilínidhe ar do nós-sa: ní dheinim aon mhuinnteardhas leó. Abair lem bheul an rud a dubhrais laistiar dem dhrom: abair os mo chómhair amach an rud adubhrais nuair nách rabhas láithreach, má tá sé de mhisneach agat. Shín sé ar a bheulaibh ar bhruach na faille: shín sé ar a bholg. Cuir an ghloine beul fé ar an mbórd: béal síos, a tón anáirde. Tá beul na haimsire ar an áit seo: níl aon chosaint ón bhfarraige air. Nuair tógfar an tigh bíodh a bheul siar: bíodh an doras is tábhachtaighe agus ucht an tighe ar an dtaobh thiar, cúl an tighe ar an dtaobh thoir. Bhí an cheist chómh dóiréidhtighthe sin dom gur eirigheas beul na gclár aiste: thugas suas í. Éirigh as an scéal beul na gclár, táim bodhar agat leis: caith uait é mar scéal agus ná tairng chugham airís é. Níor bh'iongadh go dtáinig gadaidhthe san oidhche agus gur árduigheadar leo a raibh sa

tigh nuair fágadh beul anáirde é: gan glas ná samh ná aon rud chun a gcosctha. Tá an seómra beul anáirde: níl aonne ná faic chun duine do chosc ar bhualadh isteach ann. Ná creid aonne ach Tomás, sin é beul na fírinne agat, éitheach atá ag an gcuid eile: sé Tomás atá ag innsint na fírinne nó an té is mó is fiú géilleadh dá fhocal. Beul scair seadh an oscailt a bhíos idir dhá thóimeáil nó cheangal i dhá líon nó aon rudaidhe eile mar sin do cuirtear as a chéile. Beul abhann (átha): an áit díreach go dtéigheann sí amach 'on bhfarraige. Ní thaithnigheann do labhartha béil liom: do chuid cainnte (toisc iad bheith draosta). Léigheas uair amháin ar fhearaibh a chuaidh dhá mhíle míle d'fharraige i mbád beul-oscailte: bád gan léibhean (deic). Dá mbudh me thu ní leigfinn mo rún leis an nduine sin, tá sé beulscaoilteach: neamhchluthmhair, gan ceilt rúin ann. Féach na béaltacha farraige sin: tonntacha (taoide go mórmhór) ar tí briste. Ná bí chómh beulscaoilteach san: ná bí ag innsint gach aon nidh do chloisir. Tá an ghaoth n-ár mbéal: in ár gcoinnibh cruinn díreach. Cheannuigheas bó i mbeulbheartha indiugh: bó atá i ngiorracht do ghamhain do bheith aice. Bhí Diarmuid agus Gráine beul ar bheul nuair tháinig an tóir: ag pógadh a chéile. Is minic fuaireas (an) beul óm mháthair nuair bhíos óg: bhíodh sí ag gabháil díom toisc gan bheith im leanbh umhal. Is tusa mo "bhéilín binn": mo ghrádh. Iompuigh do bheul orm: iompuigh t'aghaidh orm. Tabhair beul do láimhe mar seo: iompuigh an taobh istigh mar seo (ag obair). Ná tairng beul na mná san ort: ná habair agus ná déin aon rud a mhúsclóchadh a teanga id choinnibh. Beul tuagha, scine, cloidhimh, corráin, gunna. Siubhaluigh soir beul tuinne agus gheóbhair mórán sliogán agus cuirfidh na mioneitiridhe beaga iongtas ort lé n-a gcuma: an áit díreach go stadann an t-uisce nuair spréidheann sé ar an ngainnimh. Chuir do chainnt clab ó bheul go cluasa ar a raibh láithreach: bhí a mbeul ar lethadh lé hiongadh féd líomhthacht nó chuiris ag gáiridhe leat iad nó fút. Béas seadh é in Éirinn go bpósann muinntir na tuaithe i mbeul na bliadhna: i dtosach. Beul scórnaighe: oscailt chumhang. Scórnach cuasa = an tslighe isteach i gcuas agus annsan beul na scórnaighe seadh an chuid is sia amach di [ainm áite in aice Átha Cliath]. Do cheangail an cnámh i mbeul mo scórnaighe: i bhfíor-thosach, íochtar mo scórnaighe: an áit di is sia siar síos. Nách agat atá an beul teann?: an chainnt láidir. Is minic do ciúnuigheadh beul níos teinne 'ná do bheul-sa: gur baineadh dá chuid cainnte. Briseadh beul-shreang mo sparáin: an tsreang a bhíos tímcheall béil sparán gur féidir an beul do tharang agus a choimeád lé chéile. Nách dóigh leat gur fíor é? bí cinnte de, ó n-a bheul féin do chuala é: é féin d'inns dom é: ní haon scéal scéil é. B'fhuraist aithint go n-innseadh sé an fhírinne, is air atá an beul gan scoith: beul ná ceileann aon rud. Seachain an t-árus san, ná doirt é, tá sé beul le beul: lán go faobhar (faobhar lé faobhar) go bruach. Tá an t-ualach beul le beul: tá an oiread san ann anois gur baoghalach go dtuitfeadh sé dá gcuirtí a thuilleadh air. Ní ghá bhaint sin as do bheul é, ar eagla go ndearmhadfainn é, cá bhfuil an fear (go mbítear ag trácht air) anois?: ní hag teacht treasna ort táim ná ag treasughadh ort. Cuimhnigh ar cad tá id bheul agat: ná dearmhad an rud a bhí lé rádh agat nuair chuireas isteach ort. Bhí an focal céadna atá ráidhte agat i mbeul agam, a Thaidhg: bhíos díreach ar tí na cainnte céadna do rádh. Ná cuir a mhilleán ormsa gur me d'ól an beathuisce, ní dheaghaidh braon im bheul de: níor dheineas oiread agus é do bhlas. Cé go rabhas ag siolagar leis an ocras blaiseadh béil ní bhfuaireas in aon tigh: pioc lé n-itheadh, oiread agus gur bh'féidir liom a bhlas d'fhionnadh. Ná hoscail do bheul ar an méid atá cloiste agat anois: ná tagadh focal aon tsiolla amháin asat mar gheall air. Deineadh scrúdughadh béil ar mo mhac: ceistigheadh i gcainnt é. Nuair tháinig sé ag ceannach na háite agus fhiafruigh cad é an luach é, tugadh breith a bhéil féin do: fágadh

fé féin pé rud budh mhaith leis do thabhairt ar an áit. Bíodh beul dúnta agat ar mhaithe leat féin: ná labhair aon fhocal nó is eagla dhuit. Ná bíodh an beul trom agat: ná bí dian ar aonne léd theangain, fiú má tá an ceart féin agat, ná bí ag tromaidheacht ar aonne. Táim im throscadh ó mhaidean agus mar sin tá beul chun bídh orm: tá craos orm. Tá beul líomhtha ag an gcainnteóir sin: tagann cainnt go hiongtach uaidh. Bíonn beul múinte aige liom-sa: bíonn sé béasach liom. Tá scáth aige rómham, ní abrann sé aon rud as an slighe ar mhaithe leis féin. Sid é beul lé hÉirinn: aon chuan oscailte, scéirdeamhail ar an dtaobh thiar nó ar an dtaobh theas d'Éirinn. Bhí fáscadh béil orm ag éisteacht leis: bhíos ar mo dhícheall d'iarraidh pléascadh ar gháiridhe do dhéanamh. Gaibh agam i dtaobh súd do rádh, tá a fhios agam nár thaithnigh sé leat, rith béil dob eadh é: d'imthigh an focal uaim gan choinne agam leis. Bhuaileas treasna an bhéil é: go maith (fíogharaidheacht). Ní maith liom scéalta gáirseamhla, ná tairng chughat iad id bheul ná id bhrághaid: ná labhair ortha, ná déin aon tagairt dóibh, olc ná maith. Tá an chruithneacht san i mbeul a bainte: oireamhnach lé baint. Beul bán: ainm a tugtar ar thráigh bháin mar a mbíonn tigh nó caladh iascaigh. Beul na bpoll, ainm áite ar an mBlascaod Mór. Tá beul fliuch orm anocht: d'ólfainn cuid mhaith. Lá beulfhliuch dob eadh é: lá go raibh mionbháisteach ann i rith an lae, lá ná stadann sé de bháistigh gidh ná bíonn sí trom. Fear an bhéil bhuig é sin: gheallfadh sé aon rud duit, rogha a fhios do bheith aige ar bh'fhéidir leis nó nár bhféidir a chóimhlíonadh. Táimíd n-ár gcómhnaidhe i dtigh béil bóthair: i dtigh in aice an bhóthair rianta agus go mbíonn triall na sluaighte ann. "Tigh béil bóthair ní h-aistear é ach cómhgar" – seanrádh. Tá salachar béil ag an gcapall: aicíd go mbíonn srumaidhe ag teacht as a bhéal leis.

bealach: *f.1.* slighe, bóthar, mám cnuic, uisce idir dhá thalamh. Gaibh an bealach so: buail an tslighe. Táimíd ag cur chun bealaigh in ainm Dé: táimíd ag bogadh ar ár dtriall. Fág mo bhealach!: seachain ar mo shlighe, scrios. Tá bealach fada rómhat: tá bóthar nó slighe nó obair fhada rómhat. Táimíd as an mbealach: táimid amugha. Nílimíd ar an mbealach céadna in ao'chor: ní thuigimíd féin a chéile, nó ní aontuighimíd lé chéile. Tá sé andhéidheanach, is dócha gur stad sé sa tigh leath-bhealaigh: tigh ar thaobh bóthair ón mbaile mór is giorra; is gnáthach gur tigh tábhairne a lithéid. An bhfuilir ar aon bhealach liom gurb é Neapóilean an ceannurradh is fearr do sheasaimh ar pháirc chatha riamh?: ar aon inntin. Sé an bealach atá eadrainn go bhfuil seisean ghá áiteamh gur ins an mblaidhain 1690 do cuireadh an cath agus mise ghá áiteamh gur ins an mbliadhain 1691 do cuireadh é: deifiridheacht. Rinne an teine bealach tríd an dtigh sar ar bhféidir í do mhúchadh: mórán díobhála. Cad é an bealach gur ghabhais as? cad as go dtáinighís? Capall maith bealaigh seadh é: capall maith ar chúrsa fada. Bímís ag ciorrbhadh an bhealaigh abhaile: bímís ag gluaiseacht abhaile. Sin é an bealach gur bádhadh an bád ann, nách garbh bhíonn sé i gcómhnaidhe: an góilín uisce idir dhá thalamh. Cad tá as bealach nách bhfuiltí ag cainnt?: cad tá ag cur oraibh?

béalchainnteach: [**beulchainnteach**] *a.* go n-iomad cainnte. Mara mbeadh thu bheith chómh beulchainnteach leigfeá tharat é: fonn gach scéal do bheith ar do ghob agat, fonn ort rud éigin do bheith lé rádh agat do shíor. Dubhart leat gan a innsint d'aonne go bhfeacaís me an oidhche úd do dóigheadh an tigh, ach ní fhéadfá léd bheulchainntighe é do chongbháil n-a rún.

béalcheathramha: *b.5.* tosach ceathramhan den ngealaigh. Tá an ghealach lé béalcheathramhan indiugh, sé sin tá sí ceathramha lán, leathlán, nó trí ceathramhna lán.

béalfhoithineamhail: [**beulfhoithineamhail**] *a.* rúnchoimeádach, deacair cainnt do bhaint as. Rinneas mo dhícheall ar chúntas éigin d'fhagháil, ach theip orm, tá sé róbheulfhoithineamhail dom: neamhchainnteach. Ná bí chómh beulfhoithineamhail sin a's ná leigfeá fáisnéis an scéil chughainn: chómh haireach san.

béalóg: [**beulóg**] *b.2.* an oiread agus raigheadh id bhéal d'aon iarracht de bhiadh chruaidh. Bain beulóg as an gcíste sin: lán béil. D'fhóbair go dtachtfadh sé é féin leis na beulógaibh feóla bhí dhá alpadh aige: bolgam. D'íosfadh Tomás Seán de bheulóig, tá sé an oiread san níos láidre ná é: tá sé i bhfad 'si bhfad níos fearr ná é.

béalráidhteach: [**beulráidhteach**] *a.* iomadchainnteach, treasuightheach. Ní fhéadfá leigeant d'aonne léd theangain bheulráidhtigh: tá an oiread san cainnte agat agus an oiread san fonn ort ag cur isteach ar ghnóthaidhibh dhaoine eile. Cá gcualaís an scéal ait seo? chuala ó Thomás Dubh é. Ó! fear beulráidhteach go maith, ná creid é.

béalscaoilte(ach): [**beulscaoilteach**] *a.* go n-iomad cainnte; gan bheith in ann rún do chongbháil. B'fhuraiste dhom a fhios d'fhagháil cad bhí ar siubhal sa tigh, mar tá inghean an tighe beulscaoilteach: níl greim ar imtheachta an tighe aice. Ná bíodh aon iontaoibh agat as Thomás, má chonnaic sé tímcheall na haite thú, mar tá sé beulscaoilteach: is eaglach go n-inneósfaidh sé do dhaoinibh é. Lé n-a beulscaoilteach ní fhéadfadh sí faic do choimeád cluthmhair: toisc go bhfuil sí chómh tugtha do chainnt ar gach rud gur dóigh léi budh cheart do choimeád; ní féidir léi rún do dhéanamh air.

bealtaine: *b.4.* Táim idir dhá theine Lae Bhealtaine agat: táim i gcruadhchás cheart agat; tá dhá ghnóth ag brath orm lé déanamh ar an am gcéadna agus ní fios dom cad is géibhinnighe.

béaluighim: [**beuluighim**] *b.a.* labhraim (ar), déinim suainseán ar. Ó thána ar an láthair níor stadais ag cainnt ar dhaoinibh; ná bí ag beulughadh mar sin ortha: ag suainseán ortha. Féach annso, inneósad duit cad mar thárlaidh ach ná habair gur mise adubhairt leat é, mar níor mhaith liom me bheulughadh eatartha: me bheith im phaor cainnte aca, m'ainm do bheith i dtreis eadartha. Beulóchad as so go Corcaigh thu má ghlacann tú airgead as do ghuth: leathfad an scéala a's cuirfead i mbéalaibh na ndaoine thu.

bean: Bean choimhdeachta. Bhíodh dháréag ban coimhdeachtan n-a tímcheall: mná freastail. Bean chaointe: bean chaoi na marbh. Budh bhreágh an bhean chaointe í: bean a ghoilfeadh go ceolmhar (go minic ag cumadh filidheachta) os cionn na marbh. Mná ceangail: mná chuireas cuibhreach ar phunannaibh arbhair. Budh thaithneamhach an radharc na mná ceangail in imeall guirt arbhair tráthnóna fóghmair, ag cromadh, ag searadh, ag breith ar an dtáith (cuibhrighthe), ag cur cuir innte, ag cromadh airís, ag fáscadh na punainne, ag bualadh a gcoise uirthe 'sag sádhadh na táithe fén gcor, ag raideadh na punainne uatha trí n-a lámhaibh 'sag scuabadh go cliste na léas a bhíodh ar sileadh leis an bpunainn di. "Bean" deirtear so lé taithneamh nuair chídhfeá bean bhreágh

nó bean a dhéanfadh gníomh ionmholta. “Tá bean agam”, deir duine. Bean siubhail: bean a bhíos ag bailiughadh a déirce ó cheanntar go ceanntar. Bean chabhartha: bean a fhóireas ar mhnaoi seólta i saoghalughadh an leinbh. Bean seólta: bean ag saoghalughadh leinbh. Bean gháineála: bean a bhíos ag díol mionrudaidhe mar atá tobac, siúicre, té, galbhúnach etc. Bean na n-ubh: bean a bhíos ag bailiughadh ubh a’s ag tabhairt earraidhe n-a gcoinnibh. Bean sidhe: bean ón saoghal go saoiltear cómhachta áirighthe do bheith aice nách mbíonn ag mnáibh saoghalta. Creidtí go mbíodh a lithéid ag leanamhaint gach treabh ríoghdha sa tír seo, mar atá na Cárthaigh, na Gearaltaigh etc. “Bean sidhe i nDúnchaoin ag brónghol agus bean dúthchais mo Dhún an Óir-se etc.” File mná. Bean mhic: “bean mhic is máthair chéile mar bheadh cat is luch ag faire ar a chéile” – níor réidhtigheadar riamh.

beanbhach: (cloistear an bh) *a.* fíochmhar; d’aon ghnóth; réamhmhachtnuighthe. Bhuail sé lé n-a thoil bheanbhaigh me: do bhí a aigne lé me do bhualadh.

beann: *b.2.* ceann tíre; barr géar; cúinne géar balcaire; falla cinn tighe; buaic; géag (crainn); adharc; adharc chomhthrom ainmhidhthe do thalamh; cúram, mear: bheith ag brath ar; faill árd ghéar. Chaitheas an lá sínte ar dún binne: rinn chaol thalmhan amach san bhfarraige. Tá beann ar a hata: tá cúinne géar nó biorach air. Chuaidh salachar an bhóthair ar bhinn mo ghúna: ar chúine dhe a bhí níos sia ’ná an chuid eile. Cuir beann de ghúna ar do cheann ón mbáistigh: cruinnigh chun a chéile a íochtar in áit áirighthe agus árduigh ar do cheann é. D’árduigh an bhean tuinncéara a leanbh léi n-a binn: i gcúine dá brat. Ní saor go binn: is annsan a tásdáltar i gceart an saor. Chuaidh an t-éinín amugha orm ameasc beann an chrainn: géaga an chrainn. Bíonn dhá bheann (binn) ar thlúth: dhá ghéig, ar dheimheas, ar chrois etc. Beanna an phíce: an chuid de a bhíos caoluighthe cruinn géar chun dul trí fhéar, aoileach, móin nó a lithéid. Píce dá bheann, píce trí mbeann. Sin iad na trí beanna .i. beann Diarmada, an bhinn mheádhon, agus binn Seandraoi, trí cnuic ghéara ag béal Chuain Árd na Caithne. Níl beann madra agamsa ar an scaothaire sin: meas, ní chuireann a chuid cainnte aon anbhuain orm. “Fear gan bean gan clann fear gan beann ar aonne” – seanrádh: ní bhíonn aon fhaitchíos air go mbeadh fé chomaoin ag aonne toisc ná fuil muirear air: neamhspleádhach. Níl aon bheann agat ar an lá anois, tá do dhóthain ithte agat: is cuma cá obair ná cá fhaid raighir beir in ann é do sheasamh. Sin casóg ná beadh aon bheann aice ar an mbáistigh: casóg ná leigfeadh aon bhraon isteach. Níl aon bheann agam ar an bhfuacht, tá éadach cluthair orm: ní raighidh an fuacht n-a luighe orm de chionn an éadaigh. Níl aon bheann agam ar aonne ach ar Dhia: táim gan scáth roim aonne eile ach é. “A Thaidhg, bhrisfinn do phus d’aon chrústa amháin!” – “a Mhichíl, tá beann agam ort!”: níl sé ar do chumas. Níl faic ag an bhfear mbocht anois, tá beann aige ar gach aonne: muna bhfuil sé ag brath féin ortha níl sé neamhspleádhach ortha.

beannach: *b.2.* carraig a éirigheas as an uisce agus a thagas go barr géar mar binn tighe ós na taobhfallaidhibh anáirde.

beannach: *a.* géarbharrach. An fiadh beannach: fiadh na n-adharc. Cnuic bheannacha: cnuic ghéara.

beannachadh: *f.* barr soilgheasa; deaghghuidhe; cómhartha aitheantais um theangbháil, beannughadh. Sin rud maith déanta agat dom, Dia ghod bheannachadh: Dia do chur ratha agus áthais ort mar gheall air. Is breágh an leanbh é, Dia ghá bheannachadh: ghá bheannughadh, ag tabhairt a bheannachta dho. Sé beannachadh do fuaireas uaidh tréis ar chuireas de chomaoin riamh air, a rádh liom dul sa diall!: guidhe. Is fada tuillte aige an méid a dubhrais leis, agus mo mhórbheannachadh dhuit mar gheall air: molaim go mór thu n-a thaobh. Ar chlos cainnte míochuibheasaighe nó droichscéil deirtear "Dia ghár mbeannachadh": ghár gcosaint. Deirtear leis é go fastaomach gan aon chúis eagla. Seo chughainn ár gcara, Dia ghár mbeannachadh. Beannachadh na Maighdine ort: go raibh an Mhaighdean buidheach dhíot agus ag guidhe leat. "Dia is Muire dhuit" – "an beannachadh céadna dhuit". Mo mhór-bheannachadh dhuit gan éisteacht leis ag tromaidheacht ar do charaid: cuireann sé áthas mór orm agus is mian liom tú do bhuidheachasughadh.

beannacht: *b.2.* guidhe. Beannacht leat: mo dheaghghuidhe id bhóthar. Mo bheannacht chughat (i leitir): cuirim etc. "Mhuise beannacht Dé leat (agus abair amhrán)" deirtear so lé cion ar dhuine. "Beannacht Dé le hanam do mharbh agus innis scéal dúinn", ag cur misnigh ar dhuine labhartar mar seo. Beir mo bheannacht dod mhuinntir: abair leo go rabhas ag cuimhneamh ortha go deaghchroidheach.

beannachtach: *a.* go mbeannacht, lánbhuidheach. Bí beannachtach go dtugaidh sé na cosa leat ón dtaom breóidhteachta san: ná bí ag gearán, bí buidheach gur scarais leis. Buidheach beannachtach atáim go bhfuil leabadh chodlata agus greim lé n-itheadh agam: is mise atá go sásta etc. Dá mbeirinn ar an mbitheamhnach ní bheadh sé chómh beannachtach de féin: bheadh cúis mo mhallachta aige uaim.

beannóg: *b.2.* hata go gcúine géar; beann bheag cnuic; hata dhíonuisce (go mbíonn oíle fé) a bhíos ar lucht farraige. Freisin aon rud go mbíonn beann bheag air.

beannuighim: *b.a. 7 n-a.* tugaim mo bheannacht do; sléachtaim do; seachnuighim (leó). Beannuighim uaim thu, a dhuine, is fearr liom gan bheith in aon ghaor duit. Bheannuigheas uaim isteach: ag gabháil tar doras tighe do shléachtas dá mhuinntir gan dul isteach. Ní bheannóchadh an duine sin duit: ní leigfeadh sé air go bhfeicfeadh sé thu, lé n-a thóirtéis nó lé n-a mhíochoidreamhacht. Ní bheannóchainn sa bhóthar do: tá an oiread san droichmheasa agam air. Beannuighim díot: ní bheidh aon bhaint agam leat ná léd ghnóthaidhibh.

bearbóir: *f.3.* báirseóir. Nách tú an bearbóir duine ná tabharfadh sos dod theangain agus leigeant do dhaoinibh eile.

bearbóireacht: *b.3.* gabháil do dhuine go mícheart. Is gránda an rud bheith ag bearbóireacht ar aonne: ag itheadh a's ag gearradh, gan bheith ghá fhágaint thíos ná thuas ar dhuine.

bearguighim: *b.a.* gríosaim, spreagaim. Ná bí ghom bheargughadh chun uilc: ná bí ghom ghríosadh chun drochruda do dhéanamh. Bhíodar ag beargughadh orm do thigh do

dhóghadh ag séideadh fúm. Nár mhór an beargughadh do dhein sé orm gur chaitheas mo shilleadh air!: an gríosadh chun feirge le cainnt tharcuisnigh.

Béarla: *f.4.* teanga dúthaighe; canamhain; cainnt. Nuair bhíonn ritheadh seama fé dhuine éigheann duine: "is Béarla é!" "An gcloiseann tú an Béarla?" – cainnt dothuigseanta nó cainnt ná taithneóchadh leat. Béarla briste atá agat: Béarla gan slacht. "Yes" agus "no" an chuid is mó den mBéarla" – seanrádh. Táid anmhuinnteardha lé chéile fé láthair, ach beidh Béarla aca fós: eireóchaidh eatartha.

béarlóir: *f.3.* duine a labhras teanga Shasana. Béarlóir maith dob eadh Domhnall Ó Conaill, ach sin uile a raibh de mhaith ann.

béarlóireacht: *b.3.* bheith ag cainnt as Béarla. Níor thuigeas aon fhocal uatha mar is ag béarlóireacht do bhíodar.

beárna: *b.5.* mám cnuic; oscailt i gclaidhe nó i bhfalla; scoilt in éadach; clais i mullach cnuic. Thána ón pharóiste tríd an mbeárnain: mám cnuic. Leag beárna sa chlaidhe go mb'fhéidir an t-eallach do thiomáint istreach: oscailt. Do rinne caitheamh na Nodlag beárna mhór im sparán: poll mór. Rinne sé beárna trím chasóig lé n-a sciain: scoilt mhór, fhada. Go n-osclaidh Dia beárna na cabhartha dos na bochtaibh: go dtugaidh sé fuascailt ortha. Chaitheamair géilleadh don namhaid nuair dheineadar beárna trínn: mharbhuigheadar cuid mhór againn. Cé chuir beárna sa chíste seo?: cé bhain smut (mór) as? Nár chuiridh (leigidh) Dia beárna n-ár gcómharsanaibh ná in aonne ghoillfeadh ná fhóirfeadh orainn: go bhfágaidh Dia sláinte agus beatha aca go léir. Budh mhaith na fir iad i mbeárna(in) an bhaoghail: san áit is mó bhí conntabhairt cheart. Ní bhainfeadh Éire (an domhan, an diall etc.) an bheárna dhe: ní féidir é do shárughadh lé n-a ghliocas. Fear go bhfuil beárna mhil ann: séanasc: an mháchail shaoghaluighthe a bhíos i mbéal uachtair dhuine ar nós puis uachtair an ghirrfhiaidh. Déin beárna sa bhrughtam san: déin slighe dhuit féin lé neart ameasc na ndaoine. Beárna réidh domsa san do dhéanamh: obair gan duadh (dá dheacracht do thaidhbhsigheann sí), obair shonaoideach. "Beárna na Gaoithe" "An Bhearnain Bháin" ainmeacha áiteann. "Aonach Bheárna na Gaoithe", ainm amhráin grinn. Tá beárna curtha san obair agat: tá cuid mhaith dhi déanta agat. Stad stagúin i mbéal beárnan ort, deirtear lé duine a stadas agus ná raigheadh chun cinn ar an uain thábhachtaigh, nó nuair ná beadh coinne ná gádh leis. Réidhtigh an bheárna so: tóg na clocha as an slighe nó déin an fhadhb so do mhíniughadh. Chuir an bás beárna ionta: fuair cuid mhór díobh bás. Ná bí im bheárnain-se: ná bí im shlighe-se. Beárna ort! (drochghuidhe): máchail ort! mallacht ort! go n-éirighidh drochrud duit. D'fhág an bearbóir beárnaidhe id cheann: níor bhearr t'fholt in ionannas.

beárnach: *a.* manntach; scoiltthe. Tá mo phóca beárnach (fíoghardhacht): níl mórán airgid ann. Tá mo bhéal beárnach i ndiaidh an fhiacaladóra: bhain sé amach cuid mhaith fiacal.

beárnaim: *b.a.* déinim poll, slighe, smut (do bhaint as). Bhíomair ag beárnadh an tsoithigh d'fhéachaint cad é an saghas leanna a bhí ann: ag cur puill ann (lé taráchar). Beárnuighim; cé bheárnuigh mo chuid aráin? cé bhain greim béil as?

bearrachán: *f.1.* duine nó ainmhidhe go mbíonn cuma ghiobtha air, duine ná cuirfeá mórán suime ann. Fasan, a bhearracháin: a bleácaigh. Ní maith liom bearrachán ná leigeann dá chómharsanaibh: duine a bhíos do shíor ag cúlchainnt.

bearradh: *f.* (*-tha*) lomadh olna nó fuilt, nó féasóige; ag tabhairt droichíde ar chách; ag aoradh. Tréis an méid sin cainnte tá bearradh maith fachta aige uait: thugais go leór den dteangain do agus luigh sé air. Bhíodar ag bearradh anuas den gcoca: ag baint na ruibidhe féir a bhí ar silleadh leis. Tá an riaghaltas ag bearradh tuarasdal ar son cnuaisciúin: ag gearradh annso agus annsúd. Scian bhearrtha: altán: rásúr. Fear bearrtha: bearbóir. Tá sé n-a chaora bhearrtha agat: do chuadhais ró-lom ar a cheann. D'fhágadar n-a chaora bhearrtha ar na ráiseannaibh é: scriosadar é. Tá bearradh caorach ort: tá anchuid Éireann gruaige ort. Cómhartha báistighe seadh an bearradh caorach san sa spéir: scamaill liathbhána i bhfeirm lomraidhe. Tá cuma bhearrtha go maith indiugh ar ár saoiste: go bhfuil míoghnaoi air, nách aon dóichín é. Budh dheacair é do bhearradh nuair cham sí air: budh dheacair cóstáil leis; bhí sé coimhtheach leamhlághach de dheascaibh an déanaimh do fuair sé. Is mithid do pósadh tá sé ina aois a bheárrtha go maith: aosta a dhóthain. Gé bheárrtha: gan chlúmh. Táir beárrtha go maith ges na cártaidhibh: cuid mhaith airgid caithte agat ortha.

bearrthóir: *f.3.* bearbóir, fear beárrtha; duine a bhearas nó a scriosas. Dob é an bearrthóir caorach dob fhearr sa cheanntar é. Bearrthóir seadh thu, agus sin uile a bhfuil de mhaith ionat: ag gearán a's ag lochtughadh ar gach aonne.

beárrthóireacht: *b.3.* aoradh; báirseóireacht. Níl aon rud is lugha liom 'ná beárrthóireacht: ag itheadh na feóla fuaire ar chách.

beart: *f.1.* carnán slat, coirce, féir, aitin, craoibhe, leabhar, páipéar, éadaigh, mion-earraidhe, aon rud curtha lé n-a chéile i gceangal. Beart coirce: fiche punann. Bailigheann brobh beart: nuair cuirtear mórán mionrudaidhe i dteannta a chéile deineann sé cuid mhór. Beart easrach, beart luachra. Bhíodh birt mhóra éisc ag na hiascairidhibh ón mbanc san sara dtáinig iascairidhe bradacha thar lear a's gur scriosadar an áit.

beart: *b.2.* gníomh; iomchar; cleas; ionad sprioctha; slighe áirighthe chun ruda do dhéanamh; nidh; fírinne; coingheal. Tá beart mhaith fén riaghaltas aige: ionad maith, slighe bheatha. Cad é an bheart atá agat-sa i gcóir an lae? cad é an rud atá fachta lé déanamh agat? Ní dhéanfaidh an saghas so oibre an bheart: ní bheithfear sásta léi mar níl sí sásamhach. Ní dhéanfair an bheart, tá eagla orm, san áit seo: ní éireóchaidh leat, dar liom (tá locht éigin ort nó thaithneóchair lé daoinibh, nó ní bheidh ionat é do sheasamh gan aon locht ort féin). Ní dhéanfadh meisce do mhúinteóir an bheart in ao'chor: ní féidir lé múinteóir meisceamhail múineadh. Sin bád ná déanfaidh an bheart, tá an fharraige rógharbh di: ní éireóchaidh léi. "Tréis a tuigtear gach beart": nuair bhíonn an gníomh thart agus nách féidir a dhéanamh in athuair seadh is fusa thuigsint cad budh chóir do dhéanamh ar an uain cheart. Rinne sé a bheart go maith: d'imir sé cluiche na beatha go maith. Tháinig iarsma a dhroichbheart leis: do ghoill na drochrudaidhe a bhí déanta aige air i ndeireadh na dála. Is dian na bearta iad so agat dhá chur orm, fiacha daoine eile

d'íoc: cruadhtan. Dualgaisidhe diana is éigean do chóimhlíonadh: bearta cruaidhe, nó nidhthe a ghoilleas go mór do réidhteacht. Aontuighir liom anois, chídhir go raibh an ceart agam tréis gach beart: tréis gach nidh do thárlachtaint agus do bheith soiléir, d'aindeóin a ndubharthas im choinnibh chun me do bhréagnughadh. Tréis na mbeart ní haon drochdhuine é: d'aimhdeóin a bhfuil lé cur n-a leith duine maith seadh é. Budh ghalánta an bheart do dheinis nuair dhíolais táille an dochtúra don nduine fuar, dealbh san: gníomh duine uasail. "An bheart dhéidheanach an bheart": an mhaith dhéidheanach is í an mhaith go mbíonn an meas uirthe. Dá mbeithteá ag déanamh maitheasa do charaid duit ar feadh do shaoghail agus go dteipfeá aon uair amháin agus go ndéanfadh duine eile iasachta an rud nár néis is minic gur mó an mheas bheadh ag do charaid air sin 'ná ort-sa, uime sin an seanfhocal. Lé doircheacht na hoidhche ní raibh aithne mo bheart agam: níor bh'eól dom cá rabhas ag gabháil, soir seachas siar. Ní raibh aithne mo bheart agam lé meisce: bhíos chómh mór san ar digh nár bhfeas dom cad bhí dhá dhéanamh agam. Déin beart éigin ar airgead d'fhagháil: tabhair iarracht éirightheach ar airgead d'fhagháil. Fuair sé beart ar luing seóil sa Daingean a's d'imthigh tar lear: áit, slighe. Cá bhfuil do bheart ar an áthrach so?: t'áit chodlata. Thuill sé airgead thar na beartaibh in a óige: tar meón, oiread a's chuirfeadh iongadh amach. Cuireadh fé bheartaibh me gan leigeant d'aonne an cófra san d'oscailt: cuireadh coingheallach cruaidhe diana orm. Sé an fear is fearr dár bhuail liom é i rith mo beart: ar feadh mo thaithighthe. Báisteach, fuacht, etc. thar na beartaibh: iongtas.

beartaidheacht: *b.3.* gníomh tapaidh, cliste, tuairm. Budh mhór an bheartaidheacht duit breith ar an dtraen agus a luighead aimsire a bhí agat (nó a raibh lé déanamh agat). Beartaidheacht iongtach do an long do thabhairt 'on chuan gan eólas i lár oidhche: gníomh éachtach. Caithfir beartaidheacht níos feárr ná so do dhéanamh ar an saoghal má tá fonn ort éirghe leat: obair agus saothar do dhéanamh. Níl aon bheartaidheacht ionat nár ghreamuigh an áit nuair bhí sé anáirde: níl aon tapamhlacht, cuimhneamh chun gnímh. Táim ag beartaidheacht ar dhul abhaile i gcóir na Nodlag: ag cuimhneamh a's ag obair lé hinntin dul. Is beag an bheartaidheacht do dhéanfá nuair bheithfeá in am: is beag an luathughadh nó corruighe do dhéanfá budh ghádh dhuit chun bheith in am. Árdbheartaidheacht do rinneadh Seachtmhain na Cásca: gníomh éachtach in aghaidh mórdhuaibhse. Níor bhaineas aon bheartaidheacht as a chuid cainnte: níor bhaineas aon tátall aiste, ní fheadar cad air go raibh sé ag triall.

beartuighim: *b.a.* machtnuighim rud, measaim, samhluighim, bagraim, raidim. Ar bheartuighir ar an leabhar úd do scríobh fós: ar mhachtnuighir ar thosnughadh air? Ar phósais fós? níor bheartuigheas air!: ní raibh pioc dá chuimhneamh agam. Tá beartuighthe agam imtheacht tar lear: machtnuighthe agus socruighthe agam air. Beartuigheadh air mar mhúinteóir sa scoil in ionad an té d'éag. Tréis mórán áitimh beartuigheadh ar thusa bheith mar uachtarán: spriocadh ort, cinneadh gur thusa an fear don ionad. Sin fear ná beartuigheann bréag: ná hinnsean bréag. Cé bheartuigh an tigh seo?: cé is bun lé n-a dheilbh? Ná bí ag beartughadh do ghuna ormsa, mar ní chuireann sé aon scáth orm: ná bí ag bagairt orm leis chun me do ghortughadh.

béas: *f.3.* [**beus**] nós, gnás, rud gnáthach; sraith airgid dréir measa sealbha. Is beus aige tuiteam dá chodladh tréis proinne: rud gnáthas aige é. Déin beus de agus raighir n-a

thaithighe: déin go minic é agus tiocfaidh sé níos sonaoidighe ort. Is gránda an rud do dhuine gan fios a bheus do bheith aige: gan eolas do bheith aige ar cad budh cheart do a rádh nó a dhéanamh. Múinfead-sa beusa dhuit: cuirfeadsa smacht ort, múinfead duit connus mar is ceart duit déanamh i gcuideachtain. Beus na conntae: an tsraith a díoltar dréir na meastóireachta a bhíos ar fhagháltas duine. Is beus aige, do, leis teacht an taca so de ló, is iongadh liom cad tá ghá mhoilliughadh: is gnáthach leis é. Is olc an beus an t-ól: an nós. Sé beus an tighe seo fáilte do chur roim gach aonne: seannós sa tigh seadh é.

béasach: *a.* (**beusamhail**) [**beusach, béasamhail**] deaghmhúinte; lághach, miochair; deighiomchair, deaghsholaoideach. Labhair go beusach lé seandaoinibh: go múinte. Tuigtear nách rud beusach itheadh gan gabhalán a's scian: nách bhfuil sé dréir múinte coimhdeachta. Nách beusach na leanbhaidhe iad san: múinte, ciúin, deighiomchair. Dá labharthá níos beusaighe liom gheóbhfá an rud atá uait: gan bheith chómh borb.

béasmhúinte: *a.* [**beusmhúinte**] miochair, modhamhail, deaghoilte. Daoine beusmhúinte seadh Muinntir na hÉireann dréir dúthchais. Ní beusmhúinte dhuit bheith ag teacht treasna ar dhuine agus é ag cainnt: níl múineadh ná béasa ag baint leis.

beatha: *b.4.* maireachtaint, beo; biadh; barraidhe; fóghmhar; gairm, sealbh, fagháltas. Dé do bheatha: fáilte rómhat: slán go rabhair. Dé bheatha grásta Dé. Nuair chuala sí gur báidheadh a fear agus a mhac in aonfheacht sé dubhairt sí Dé bheatha grásta Dé, ghá chur in iúil gur ghaibh sí lé toil Dé. Nára Dé do bheatha: níl fáilte ná cion rómhat. Dé bheatha an scéalaidhe: an scéalaidhe abú! Tá sé n-a bheathaidh: d'aindeóin an diaill a's uile, dá mhéid anróidh a rug air: maireann sé. Táim ithte im bheathaidh ges na cuileannaibh: is mór an ciapadh atá aca dhá thabhairt dom. Ná hith im bheathaidh me: ná bí ag gabháil díom chómh dian san. Is é an truagh bheathadh é ag fulang tinnis ar a leabaidh lé leathbhliadhain: truagh na cruinne. Nuair chuaidh an tigh trí theine ní fhéadfadh sí corraighe mar mairtíneach dob eadh í agus loisceadh n-a beathaidh í: dóigheadh í go bás di. Beatha a's sláinte chughat: gach ao'nidh dá fheabhas chughat (guidhe mhaith). Go mbeiridh sé im bheathaidh orm airgead do bheith agam: go dtagaidh sé mar chor sa tsaoghal orm. Tá an eascú fharraige n-a steillebheathaidh fós, cé go bhfuil sí lá ar an uisce: tá sí beó go maith, tá sí righin. "Mac Uí n-a steillebheathaidh: Mac Uí Shéaghdha chómh beó is b'fhéidir leis do bheith. Is tú t'athair n-a steillebheathaidh: níl aon oighre ar t'athair ach thu, is tú t'athair mar bainfí an ceann anuas de: is tú t'athair n-a chrutaon. Baineann sé a bheatha as cheannach éisc: maireann sé air. Sí beatha sagairt is fearr i gCiarraighe í: slighe mhaireachtantha. Ní mhaoidhim do bheatha ort ag obair ó dhubh dubh: níl aon éad agam leat mar gheall air. "Beagán talmhan atá aige" – "ná bac san, beidh sé ag baint a bheatha as": ag maireachtaint leis. "Beatha dhuine a thoil": an rud is mian lé duine deineadh sé é. I láthair mo bheatha ní rug a lithéid de scannradh orm a's rug orm nuair caitheadh i bhfarraige me: faid atáim beó. Thug sé a bheatha ag gabháil den nGaedhilg: a shaoghal. Bórd cóirighthe ag beatha dá fheabhas air: biadh an-mhaith. Tabhair beatha dod lucht bórdála: biadh maith. Gort seadh é go mbíonn beatha mhaith air: barraidhe maithe. Gheóbhfar iasc go luath, tá mórán beatha ar an gcósta: iasc beag bíogánach (salán) a chothuigheas an t-iasc eile. Beatha dhearg: gné áirighthe den saghas san saláin. Féar is coirce beatha an chapaill: an rud go maireann sé ortha. Cá mbíonn sé ag tuilleamh arán na beatha: cá bhfuil sé ag tuilleamh a shlighe bheatha? Níl biadh ná

beatha aca: táid fíorbhocht. An raibh beatha mhaith in Éirinn ambliadhna?: fóghmhar maith.

beathadhach: *a.* bríoghmhar. An maireann t-athair fós? maireann go beó, beathadhach: lán d'anam a's d'anáil.

beathamhail: *a.* do thabhairt nirt nó beatha. Is beathamhail an fás cruithneacht: scabhárdach.

beathughadh: *f.* (*-the*) do chongbháil beo, d'fhadughadh, do chothughadh. Ná bí ag coimeád beathuighthe ar an saghas san cainnte: ná bíodh aon rud dhá rádh agat do choimeádfadh ar siubhal í. Ní bhein ghod bheathughadh: ag tabhairt bídh duit (searbhas). Beathuigh an teine sin, cuir a thuilleadh guail uirthe: congbhaidh ar siubhal í. Ní bheathuigheann na bréithre na bráithre: caithfid rud éigin d'fhagháil seachas cainnt. Duine beathuighthe seadh é: feolmhar. Do beathuigheadh go maith n-a bhunóice: fuair sé biadh maith ar a óige.

béic: *b.2.* glam, glór árd, liugh. Chuir sé béic as le tinneas: leig sé liúgh lé méid an tinnis a bhí air. Cuir béic asat air: leig glam air. Béic air teacht ar ais: scread air teacht ar ais. Nuair bhuail an fharraige ar an gcarraig bhain sí béic scannruightheach aiste: glór uathbhásach. Bhain an Ghearmáin béic mhaith as armaibh an domhain: do shuaidh sí go mór iad. Cad tá ar an leanbh san, tá gach aon bhéic ó mhaidean aige?: tá sé ag béicigh go hárd a's go dian a's gan stad. Leigeas béic air teicheadh nuair chonnac an tarbh ag teacht fé n-a dhéin: liughas air teicheadh.

béiceach: *b.2.* ionann a's béic.

béiceachán: *f.1.* duine a bhíos ag síorghearán; pusaire leinbh. Éist, a bhéicheacháin: a dhuine a bhíos do shíor ag gearán. Níor thóg an bhean bhocht riamh béiceachán is mó 'ná thú: leanbh ná stadann de phusaireacht a's meabhlaigh.

béicgheal: *b.3.* béiceach. Ní dhéanfaidh do chuid béicgheala dhuit anois é: ní haon mhaith dhuit bheith ag béicgheal lé súil go dtabharfar do chosa dhuit. Thug an bhean bhocht an oidhche ag béicgheal agus bheadh truagh agat di: ag gol 'sag caoi.

béile: *b.4.* an méid bídh a caithtear d'aon iarracht. Trí príomhbhéilidhe an lae – céadphroinn, proinn, séire. Níor itheas béile bhídh fé shuaimhneas lé mí: ní bhfuaireas eaga ar aon bhiadh d'itheadh n-a cheart. Béile na maidne: céadphroinn, céadlongadh. Béile na hoidhche: séire. Is beag í do bhéile: níl aon ghoile agat.

beilt: *b.2.* crios. Chuaidh sé go beilt an chlaidhimh air: ní mór ná gur éirigh leis. Tá baint éigin ag an gcarbhal so lé pionnsaidheacht, dar liom. Ní raibh ach faid a chinn ag capall Sheáin ar chapall Thomáis sa rás; chuaidh capall Thomáis mar sin go beilt an chlaidhimh ar an gcapall eile. "Leagfadh sé ag iomrascáil thu aon lá" – "ó, an eadh? Níl sé n-a bheilteannaibh é do dhéanamh! níl sé n-a chumas. "Ceaca is fearr?" – "is deacair a rádh, táid i mbeilt an chlaidhimh lé chéile."

béim: *b.2.* buille, smíste; stiall; máchail; ball olc. Tugadh béim claidhimh do, a shín marbh é: buille gonta, trom. Tháinig sé as an gcath gan oiread agus béim iongan air: gan de rian air a's dhéanfadh scríobadh iongan. Ceaca guth go bhfuil an bhéim uirthe?: an bualadh nó an luighe. An bhfuil aon bhéim bhuadha déanta agat ó mhaidean?: aon dul chun cinn. Thug sí a hinghean gan bhéim do: inghean gan locht mar chéile. Bhaineas béim as: thugas buille máchaileach do. Níl an scríobhnóireacht so gan bhéim: gan locht. Ar chualaís trácht riamh ar Oscar na mbéimeann?: na mbuillidhe móra, marbhthacha. Thugadar béimeanna cruaidhe dhá chéile: buillidhe móra cruaidhe.

béim: *b.2.* raidhilse iarainn nó adhmaid, an chuid cham den gcéachda amach ón gclár go dtís na fiaclaibh. An bhéim chéachda: gasradh réilthínidhe. Cuireadh béimeanna móra troma fé úrlár na luinge: raidhilsidhe móra, láidre. Tá béimeanna (adhmaid) leis an dtigh chun é do choimeád n-a sheasamh: blúiridhe fada téagartha, láidre.

béimeannach: *a.* buailteach, léidmheach, fíochmhar, scannramhail. Chloisinn scéalta im óige ar Bhalor Bhéimeannach: na mbuillidhe móra. Nách béimeannach an fear é? bíonn ag síorbhruighean. Tá sé ag obair go béimeannach sa choiréal: ag bualadh go láidir, acfuinneach.

beirbhighim: *b.a.* cuirim ag fiuchaidh le teas, suathaim; ullamhuighim i gcóir an bhúird lé bácáil, róstadh etc. Beirbheóchaimíd an biadh dhúinn féin anois: ullumhochaimíd é le teas teine le haghaidh a ithte. Níl an t-arán beirbhthe fós: "bácálta". Tá na huibhe beirbhthe a ndóthain: inithte. Bheithfeá beirbhthe istigh sa tseómra san tá sé chómh te sin: bheadh an teas ag cur go mór ort. Táim in uisce bheirbhthe agat léd chainnt náirigh: tá náire im bheithaidh curtha agat orm. Bhíos chómh mór san in uisce bheirbhthe ná raibh a fhios agam cad budh cheart dom do dhéanamh: in adhairc gabhair: i gcruadhtan cómhairle. Lá anbheirbhthe seadh an lá indiugh, níl puth as an aer, níl scamall san spéir agus tá teas ón ngréin: lá anthe ar fad seadh é. Stad den rinnce, táir beirbhthe aige: tá teas thar meón ar fuaid do bhall. Bhí an fharraige beirbhthe tímcheall an bháid: bhí sí chómh suaidhte sin go raibh sé ag léimigh mar uisce bheadh ag fliuchaidh ón dteas. Tóg an tualán san den dteine, tá an t-uisce ag dul fé bheirbhiughadh: ag imtheacht n-a ghal.

beirim: *b.a.* tógaim, iomcharaim, saoghaluighim, buadhaim, greamuighim, tagaim suas le, tairngim, tugaim breith ar, éaluighim. Beirim an buaidh oraibh i ngach imirt: bíonn an fear maith agam. Tá sé i bhfad rómhat, dhá mhíle b'fhéidir, ach má sheasuigheann rith duit béarfair fós air: tiocfair suas leis. Ná beir breith ar aonne, mar nách fios duit cé bhéarfadh breith ort féin lá éigin: ná tabhair breitheamhnas etc. Cad do bheir duit dul ann agus gan fáilte ag aonne rómhat? cad chuir id cheann é? Beir na cosa leat chomh tiugh agus is féidir, ná bíodh sé den diall ort go mbeireadh aonne annso: bí ag cur díot go prap! Beir chughat, táthar chughat: bí ar t'aire tá duine éigin (namha) ag teacht atá ar do thí. Pé iompódh nó cor a bhéarfaidh sé (isteach) bead-sa ag faire air: pé rud a dhéanfaidh sé ní i ganfhios domhsa é. Ná bíodh aon eagla agat roimis beir isteach air: faigh greim daingean air. B'fhearr liom gan na daoine sin inár ndiaidh bheith 'n-ár gcuideachtain, beirimís uatha: géaruighimís, cuirimís a thuilleadh slighe eadrainn. Ní rugadh leat bheith chómh maith d'fhear liomsa: níor saoghaluigheadh leat é: ní fhéadfá bheith chómh maith liomsa.

Beir leat go bhfuil meas agam-sa ort-sa: bí deimhnightheach de. Fear maith seadh é agus ná beir leat nách eadh: bí lándeimhnightheach de gurb eadh. Beir leat go bhfuil deabhadh orm: tabhair fé ndeara go bhfuil. An rug sé ar an dtraen?: an raibh sé in am n-a cóir. Beir lámh liom leis an ualach trom so: tabhair cabhair dom. Is minic do bheireas lámh leó lé linn a ngádhtair: do thugas cóngamh maireachtana dhóibh. Bhéarfadh aonne ar thóin anois ort: táir chómh lag san nó chómh claoidhte sin ná féadfá caic do dhéanamh le haonne. Ná beir ar scórnaigh orm, tabhair eaga dhom: ná bí chómh dian san orm. Gach lá bhéarfaidh ort, cuimhnigh ar chómhairle do mháthar: gach lá ded shaoghal. Nár bheiridh Dia geairid choidhche ort, is tú an duine fial: nár thagaidh bás oban ort ná aon rud eile a bhainfeadh preab asat. Rug geairid orm: táinig glaodhach nádúra orm. Rugadh geairid ar na fearaibh bochta agus báthadh iad go léir: tháinig síon ghrod ortha a bháidh iad go léir. Ná beiridh geairid ort, tair chugham-sa: má bhíonn aon easnamh ort, mise an té a fhóirfidh ort. Béarfad liom an ceann so, is é is feárr: árdóchad (tógfad) liom. Béarfaidh na báillidhe do throscán tighe leó i ngioll lé cáin: tógfaid é lé cómhacht dlighe. An mbéarfaidh sé an oidhche leis an dóigh leat?: an dtéarnóchaidh sé an oidhche? Beir as duit, a chladhaire: imthigh gan ró-mhoill. Cad bheir chómh liath san duit?: cad fé ndeara. Ar labhrais leis mar gheall orm-sa? Cad bhéarfadh go ndéanfainn, ní hé mo chúram-sa é?: cad fáth? Sin é m'athair ag teacht, cé ná feadar cad bhéarfadh annso é? cad é an cúram a bheadh air.

beirt: *b.2.* dís dhaoine. Sinne beirt: an bheirt againn. Fágaimís fé moladh beirte é: fé chinneadh, thuairm beirte. Beirt againn: tusa agus mise. Sinne an bheirt: níl aonne chómh maith leatsa agus liomsa.

beirthe: *a.* saoghaluighthe, greamuighthe. Tá beirthe ort, anois, a bhuachaill: táir greamuighthe. Tá beirthe ar an ngirrfhiadh ag an gcoin: tá sí tagtha suas leis. Bhí beirthe ar an mbeitheamhnach nuair thána: greamuighthe. Is eagla liom go bhfuil beirthe annso orainn, tá an droichead leagtha a's connus raigheam treasna?: go bhfuilimíd teanntuighthe. Céagaibh atá beirthe leis an gcluiche?: céagaibh is mó bhuaidh? Nílim beirthe ná caillte leis an lá: níl aon nidh dá bhárr agam, ná nílim ar gcúl mar gheall air. Bímís leath beirthe leath caillte leis an obair: bímís leathach. Is mé atá beirthe lém chlainn (go leamhasach): caillte leó; iad iompuighthe im choinnibh. Beitheamhnach beirthe déanta seadh é: saoghaluigheadh leis bheith n-a bheitheamhnach agus is é dhlúth agus ineach do cuireadh fé é. Is é an té bheadh beirthe leis budh chóra cailleamhaint leis: an té go mbeadh rud dá bharr aige.

beith: *a.b.* (*táim*) Dá mbeiththeá ar tí bheith ann bheadh leathscéal éigin agat: dá mbeadh sé d'fhonn ort nó ar t'aigne. Táim lé bheith ag rith ráis ambáireach: tá m'aigne air, tá sé socair. Ar bheith sa Daingean dom indé seadh chuala go raibh tuillte ar fuaid na hÉireann lé seachtmhain: lé linn dom. Bíonn sé chómh dian san air féin go mbíonn sé ag obair go beith tuirseach, tnáidhte dho: go dtí go dtagann tuirse etc. air. Ní maith an rud do líon tighe an t'athair gan bheith ar fóghnamh: é breóidhte. Fuaireas bheith istigh uatha airéir: tugadh cead (nó cuireadh) fanacht sa tigh: lóistín oidhche. Chuir sé me gan bheith istigh liom féin: chuir sé orm bheith faitchíosach, nó níor bhraitheas go maith dá chionn. Chun bheith ag scríobh leis seadh peann: sin é gnóth atá dhe. Ní meastamhail an rud bheith ar meisce: ní meastamhail í stáid na meisce.

beith: *b.2.* buaidh ionmholta. An bhfeiceann tú cad rinne sé? thug sé fiche púnt ar iasacht dom. Ní hé sin an t-aon bheith amháin ar an bhfear céadna: cáilidheacht ionmholta. Is iomdha bheith ar mhúinteóireacht má tá an tuarasdal suarach féin, bíonn laetheanta saoire fada ag dul léi: cúig ionmholta. Ná bí ghom bhodhradh leis, mar scéal, níl aon bheith amháin air: aon rud amháin is fiú éisteacht leis. An bhfuil sé de bheith ort éisteacht faid bheadh duine eile ag cainnt?: an bhféadfá san do dhéanamh? Ní beithte dhuit aon duine do cháineadh: ní hionmholta dhuit é: ní budh roghaide thu é (dá mbeadh an ceart féin agat): ní chuibhe dhuit é do dhéanamh. Ní beithte an saoghal ort: níl faic de bharr an tsaoghail agat. Is mór an t-anródh rug ar an bhfarraige ortha, trí lá gan bhiadh gan deoch, ní beithte ortha a bhfuaireadar dá bhárr: ní gádh d'aonne éad do bheith aige leó. Ní beithte d'aonne bheith tarcuisneach: ceart.

beó: an duine agus anam ann, an fheóil íogair. Chuaidh an tairnge go beó dhearg i gcrúib an chapaill: isteach ar fad sa bhfeóil dhirg. Tá an capall bacach, tá tairnge i mbeó aige: sa bhfeóil. Chuiris tairnge i mbeó agam (fíoghardhacht): do dheinis mo dhíobháil nó choiscis me. Ní nádúrdha an beó ná an marbh: tá sé chómh nádúrdha dho dhuine bás d'fhagháil lé teacht ar an saoghal, bheith sásta leis. Obair róchruaidh seadh í, ní dhéanfadh sé lé n-a bheó í: faid mhairfeadh sé. An beó nó marbh tú? deirtear lé duine a thagas i láthair agus nách bhfeacthas lé fada. "Beir chugham Eoghan Ruadh Ó Néill", ars an ceannurradh, "beó nó marbh": fonn mór chun a fhághalta. Is cuma liom beó nó éag raighead ag troid: mar a chéile liom é. Guidhimís ar bheódhaibh a's ar mharbhaíbh: na daoine atá ar an saoghal so fós. Ní fhéadfainn tuilleadh foidhne do dhéanamh air, mar do chuaidh a chuid cainnte i mbeó ionam: do ghoin sí me.

beó: *a.* tapaidh, prap, i maireachtaint. Ní fheadar cá bhfuil sé anocht, slán beó chuige: beannacht dhílis ó chroidhe amach. Taithnigheann an cailín sin liom, tá súil bheó aice: mear. Cómhartha maith deaghshláinte seadh súil bheó: súil nách gcómhnuigheann i bhfad aibidh. Imthigh leat go beó: go deaghair. Seachain an tráigh sin tá sí lán de ghainimh bheó: gainimh a chorruigheas agus a thairngeas síos duine: gainimh shúiric. Má mhairim beó sin é an leabhar do chailleas anuiridh: mara bhfuil dearmhad mór orm. Tá aos maith aige, cheithre fichid, ach maireann sé go beó, beathadhach: go héascaidh lúthmhar (dá aos). Nuair chuala sí gur mhairbh gluaisteán a leanbh tháinig laige bheó uirthe: fanntais mhór, thuit sí as a seasamh n-a cúil. Labhair sé go beó ag an gcruinniughadh ar do shon: go teasaidhe, dúthrachtach, a anam sa chroidhe n-a chuid cainnte. Airgead beó, an t-aon mhianach nó mhiteal a bhíos n-a leann fé theas ghnáth. Éirigheann agus tuiteann an t-airgead beó san bhfeadán dréir an teasa.

beódha: *a.* beó, anamamhail. Léim go beódha thar claidhe: go hanamamhail. Tá cainnt bheódha sa scéal san: fuinneamhail.

beódhacht: *b.3.* misneach, anamamhlacht, tapamhlacht. Bíodh beódhacht ionat n-a chóir: bíodh misneach agat. Fear gan aon bheódhacht seadh é: leigeann sé rudaidhe tharais lé ceal géaraidheachta. Bíodh beódhacht chun oibre ionat: foillsigh go bhfuil fonn oibre ort.

beódhachtaint: *b.2.* anamamhlacht, fíorthosach rabharta. Beidh beódhachtaint ambáireach ann: mallmhuir atá ann indiugh, ach ambáireach tiocfaidh anamamhlacht sa taoide agus sin é an bheódhachtaint.

beódhaim: *b.a.* cuirim anam i; músclaim, spreagaim, luathuighim. Beódhaidh an teine sin, tá sí ag dul in éag: cuir anam innte, múscail í, corruigh le bior agus cuir tuilleadh móna, guail nó adhmaid uirthe. An mbeódhann an deoch san thu?: an gcuireann sí an fhuil ag corraighe ionat? Ar feadh an lae ní chloisinn ó n-ár saoiste ach, "beódhaidhidh annsan, a phaca dhíomhaoin!": oibrighidh! anam ionaibh annsan! Chómh deimhnightheach a's bheódhann tu bead ann ag feitheamh leat: chómh dearbhtha a's go bhfuilir id bheathaidh.

beóir: *b.5.* deoch áirighthe. Budh mhór an lá beórach é: lá dighe. An rabhais ar do bheóir airéir? an rabhais ar meisce?

b'fhéidir: *d.bh.* indéantacht. Ná bac "b'fhéidir" – ná bac neimhchinnteacht, bí deimhnightheach cad do dhéanfair. Bíonn an dá "b'fhéidir" ann: ní fios ceaca taobh a thárlóchadh. "An raighir ar snámh ambáireach liom?" – "b'fhéidir é": nílim deimhnightheach an raighead nó ná raighead, ach is dóichighe go raighead. Dá mb'fhéidir in ao'chor é bhein ann: dá mbeadh aon dul nó caoi agam air. Feic '**féidir**'

biadh: lón; rud lé n-itheadh; béile. Biadh na maidne, biadh na nóna, biadh na hoidhche: céadphroinn, proinn agus séire. D'iarradar orm biadh do chaitheamh n-a bhfochair: itheadh in aonfheacht leó. Cóirigheadh biadh dhom: ullmhuigheadh rud lé n-itheadh dhom. Is maith an chóir bhídh do cuireadh orainn sa tigh úd: do fuaireamair gach aon rud dá fheabhas lé n-itheadh a's lé n-ól ann. Éist, a dhuine ná bí ag cainnt, budh bhiadh a's deoch bheith ag éisteacht leis ag cainnt: budh mhór an soilgheas bheith ag éisteacht leis ag cainnt. Ní iarrfainn aon bhiadh ach bheith n-a chuideachtain: duine chómh iontsuime sin seadh é gur ró-aoibhinn liom bheith n-a fhochair. Tá sé in am an bhídh, glaoidh ar na fearaibh: tá sé in am ithte. Suidh i láthair an bhídh: suidh agus ith. "In am an bhídh do rugadh tu", deirtear lé duine a thagas ar an láthair lé linn bídh bheith ar siubhal. Biadh na ndaoine: an earra bídh is coitchinne ameasc na ndaoine. Rís biadh na ndaoine san tSín agus san tSeapáin. Bean fhial fén mbiadh seadh í: bean fhlaitheamhail chun bídh do thabhairt uaithe. Biadh crainn: sughlach an chrainn. Biadh cleite: an "smior" briosc bán istigh i gcleite. Biadh cnóidh: an eithne. Biadh geitre: an taobh istigh de. Biadh do leanbh nó cíos do bháille: is deacair ceachtar díobh do chur n-a thost gan a chuid d'fhagháil, nidhthe anghéibhineach seadh iad. Tá biadh sa ghort san: tá barra maith ann. Ar son a ndeinir ní thabharfainn biadh dhuit: níor bhfiú liom tú do chothughadh. Biadh ó bheólaibh seadh feóil do dhaoinibh gan airgead: biadh budh mhaith leó do bheith aca, ach nách féidir leó do shroichstint. Ní biadh do bheódhaibh prátaidhe a's iasc gach aon lá: níl sé oireamhnach do dhuine. Greim bídh ní dheachaidh im bhéal indiugh: níor itheas faic in ao'chor. Táimíd ar ár ngreamannaibh (bídh): táimid ag itheadh dúinn féin. Biadh folláin seadh iasc maith. Go marbhuighidh an biadh thu! deirtear lé duine bhíos ag síorlorg bídh. Bhíodar ag cur bídh orm ach níor bhlaiseas aon rud: ag tafant bídh orm. Biadh ar fad seadh an tigh úd: bíonn flúirse bídh ann. Rinne sé bolg ar an mbiadh: d'ith sé cuid mhór. Raighead go tír éigin eile ag tuilleamh an bhídh: ag déanamh mo shlighe bheathadh.

"Nách liom an duine thú" – "sin é deir mo chuid bídh liom": ní ithim puinn nó ní rómhaith an biadh d'ithim.

biadhach: *a.* scabhárdamhail. Níl aon fhás chómh biadhach lé cruithneacht: chómh scabhárdamhail.

biadhaiste: *b.4.* saosúr éisc, barraidhe, etc. Cathain thosnuigheann biadhaiste na scadán: an saosúr go mbíd lé fagháil. Biadhaiste phollóg; biadhaiste mhaircréal, etc. Rinneadar biadhaiste mhaith ghleamach: d'iascadar mórán gleamach. Deineann tú biadhaiste mhaith ar an áit seo: caithir cuid mhaith det aimsir ann agus bíonn rud dá bhárr agat. Is mithid duit mo phíp do thabhairt ar ais dom, tá biadhaiste mhaith déanta agat uirthe: tá cuid mhaith thobac ólta agat aiste. Deinimís biadhaiste ortha: ithimís ag ólaimís ár sáith.

biadhmhar: *a.* fé mhórán bídh. Shuidheamair chun búird biadhmhair: chun búird go raibh mórchuid de bhiadh mhaith air. Tír bhiadhmhar seadh Éire: bíonn flúirse beatha innte.

biadhta: *a.* beathuighthe, cothuighthe. Laogh biadhta: laogh ná baintear de dheóil, bíonn sé cothuighthe dá réir. Duine chómh beathuighthe le laogh biadhta: go mbeadh oiread feola air leis.

biadhtachas: *f.1.* féile, fáilteachas; cothughadh; lón bídh; aimsir bídh. Tá rian air go bhfuair sé biadhtachas maith, ní lom ná seirgthe tá sé: go bhfuair sé biadh agus deoch siar síos. An gádh dul ag triall ar a thuilleadh biadhtachais i gcóir na seachtmhaine: a thuilleadh lóin. Ní mór an biadhtachas ag baint leo: an fhéile.

bianna: *f.4.* bannda d'iarann, de stán, d'ór, d'airgead etc., ar phíp, mhaide, úirlis nó eile. Táim chómh dearbhtha dhe a's go bhfuil bianna ar mhaide bhacaigh: lándeimhnightheach. Ní mór do bhacach bianna bheith ar a bhata toisc an luigheacháin a bheireas air agus go gcaithfeadh sé go tapaidh gan é. Cheannuigh sé píp go raibh bianna óir ar a cois: fáinne óir tímcheall uirthe. Tháinig crann mór luinge i dtalamh go raibh bianna mór leathan iarainn ar a bharr: bannda nó fáinne.

bil: *b.2.* roinnt mhaith d'aon rud. Tá anbhil éisc ag na nadhbhógaibh indiugh. An raibh airgead sa bhannc aige? ní raibh aon an-bhil: ní mór a bhí. Cuir bil mhaith fheóla ar do phláta chughat féin: flúirse. Ní olfad a thuilleadh, tá mo bhil caithte agam anois: mo dhóthain.

bile: *f.4.* fear go mbíonn meas mór air; fear éachtach; seanchrann. Dob é Peárnail bile na ndaoine: an fear a throideadh ar a son agus go raibh meas ag na daoinibh air dá réir. Dé bheatha-sa, a bhile: a fhir mhóir, go bhfuil cion ort. Is iomdha bile mór árd do chonnac sa choill san tráth: seanchrann.

bileóg: *b.2.* duilleóg leabhair, clár éadtrom, tanaidhe, leathan mar cuirtear ar bhórd. Iompuigh bileóga an leabhair lé méireanntaibh glana (bíonn dhá leathanach ar gach bileóig). Cuir an plána ar bhileóig an bhúird, tá sí angharbh: uachtar an bhúird, fé

theannta na gcos. Seachain tú féin ar an bhfuacht, táir chómh tanaidhe lé bileóig eidhneáin tréis na breóidhteachta: an-lom. Bileóga sráide: saghas plannda. Chuadar go dtín sagart d'iarraidh bileóige an phósta: cead pósta. Cogar, chuala gur léigh do sheanbhean dhá thaobh na bileóige go maith duit i dtaobh bheith amuigh chómh déidheanach. Bileóga adhmaid: blúiridhe fada, leathana, tanaidhe adhmaid, mar cuirtear in úrlár nó a lithéid. Shín sí bileóg páipéir chugham: duilleóg páipéir.

bille: *f.4.* nóta (airgid), duilleóga páipéir go mbíonn miontuairiscidhe air. Ní fios cé dhíolfaidh an bille: cé bheidh caillte le rud. Cuir na billidhe púint annso agus na billidhe chúig bpúnt id phóca. Níl baoghal ortsa, a bhuachaill, tá na billidhe agat: tá airgead go leór agat.

binb: *f.2.* fíoch, nimhneacht; fuinneamh; fuadar. Bhuail sé lé binb me: lé n-a neart agus lé n-a thoil. Nuair bheir ag cainnt ná bíodh aon bhinb ort, labhair go réidh ciúin: gan aon nimhneacht do bheith id chainnt. Cuir binb id bhuille: cuir fuinneamh ann. Níl binb agam d'aonne ach croidhe geal: fuath ná drochaigne.

binid: *b.2.* an taobh istigh de ghoile gamhna a cóirightear i gcóir cáise do dhéanamh. Nuair bhíonn báisteach throm chómhnaidhtheach nó sneachtadh, nó sioc, nó gaoth, nó fiú amháin teas mór ann deirtear 'tá sé ag cur a bhinide amach': ní fhéadfadh an aimsir bheith níos déine ar an saghas síne atá ann. Bíonn beirt in iomarbháidh lé chéile go dian agus deir duine aca leis an nduine eile: "dá gcuirtheá do bhinid amach ní bhuaidhfeá orm": agus do chroidhe díchill do dhéanamh ní bhuaidhfeá orm. Ag cur a bhinide amach le cainnt: ag labhairt go hárd, go glórach.

binn: *a.* milis (le clos), ceolmhar, líomhtha; (fíoghardhacht) thar bárr, gan cháim; an-mhaith; taithneamhach (le féachaint ar). Is binn an t-amhrán é sin: ceólmhar, taithneamhach leis an gcluais. Is maith binn an cainnteóir thu: líomhtha, tagann cainnt chiallmhar n-a sruth uait. Budh bhinn liom féachaint ar Shliabh an Fhiolair lé buidhiughadh gréine: chuireadh sé taithneamh ar mo shúil agus ar mo chroidhe. Is binn atá an tigh sin tógtha: curtha os chionn a chéile go slachtmhar. Níor bhinn liom a ghlótha: níor thaithnigh a chuid cainnte liom. Níor chuala riamh ceol budh bhinne: ceól budh bhreághtha lém chluais. Tá an t-im seo go binn: go deaghbhlasta, deaghfhéachain. "Do bhí clog sa choill a's budh bhinn an clog é a's do rinne an clog so clog binn den gclog san". Go binn do rinnis do ghnóth: gan aon locht, go sásamhach.

binnbhéalach: *a.* milisbhéalach, líomhtha. Bean bhinnbhéalach dob eadh í: do thagadh cainnt aoibhin uaithe. B'fhearr liom thú dá labharthá níos binnbhéalaighe: níos mílse, níos béasamhla. Mairín bhinnbhéalach: miochair, múinte, gur bhreágh leat bheith ag éisteacht léi ag cainnt. Binnbhriathrach etc.

bíobla: *f.4.* an scríbhinn diadha, an Seanthiomna agus Tiomna Nuadh; aon leabhar mór. Do thabharfainn an Bíobla gur tu do chonnac in Áth Cliath indiugh: dhearbhóchainn ar an scríbhinn diadha é. Dá dtabharfá an Bíobla dhom air ní chreidfinn thu: dá ndearbhófá é dhom. Thug sé bíobla éithigh sa chúirt nuair dubhairt sé go rabhas ann, mar bhíos fiche míle as an áit ar an uain sin: rinne sé dearbhughadh bréige: d'éigh sé ar Dhia bheith mar

fhíné go raibh sé ag innsint na fírinne. Chuadhas anáirde ar chlár na mionn agus cuireadh an Bíobla orm: tugadh an Bíobla im láimh dom lé n-a phógadh i bhfiadhnaise Dé gurb'í an fhírinne déarfainn. Chuireas an bíobla leis an ól an chéad lá den bhliadhain nuadh: dhearbhuigheas an lá san ná hólfainn a thuilleadh go ceann scathaimh áirighthe. Féach an bíobla atá aige: an leabhar mór toirteamhail.

bíodh: *b. m.ó.* tuiteadh amach (mar sin). Bíodh cluiche againn: imrimís cártaidhe. Bíodh biadh againn: ithimís. Bíodh do thoil agat: déin mar is maith leat. Bíodh an diall agat: téidhir sa diall. Bíodh an taobh amuigh agat: amach as an dtigh seo leat. Bíodh geall air gurb aoirde mise ná thu: cuirfead geall leat n-a thaobh. Bíodh airgead ag duine, cad é an mhaith é gan sláinte: a lamháilt airgead do bheith ag duine etc. Bíodh a's go rabhas ann in am níor leigeadh isteach mé: gidh go rabhas. Bíodh an aimsir olc, maith tiocfad gan amhras: is cuma connus bheidh an aimsir. Bíodh agus go ndéanfá do dhícheall ar é d'oscailt ní éireóchadh leat: do teipfeadh ort d'aimhdeóin do dhíchill.

bíodhg: *f.2.* preab, geit, eagla. Chonnac rud éigin dubh i lár na hoidhche agus shaoileas gur thaidhbhse a bhí ann, bhain sé bíodhg asam: preab. Tá an bíodhg san imthighthe: an gal, seal corruightheach. Tháinig bíodhg tinnis i mbun mo dhroma: tinneas géar. Chuireas mo bhíodhg díom tréis mí: mo thaom breóidhteachta.

bíodhgach: *a.* speachamhail, corruightheach. Deoch bhíodhgach seadh beathuisce do dhuine a bheadh fliuch: deoch a chorróchadh do chuid fola. Cainnteóir budh bhíodhgach ráidhte dob eadh é: do chorróchaidh a ráidhte a lucht éisteachta. Braithim do dhroichscéal go bíodhgach: corruigheann do scéal me, goilleann sé orm.

bíodhgadh: preabadh, geit; corraighe oban; léimeadh, brigh. Glac bíodhgadh a's ná bí id shúmadóir: múscail tú féin agus ná bí chómh marbh san. Tá sé ag teacht chuige féin, tá an deoch ghá bhíodhgadh: ag cur anama ann. Tháinighis orm gan aon choinne agam leis, do bhainis bíodhgadh asam: corraighe. Buachaill lán de bhíodhgadh seadh é, féach mar oibrigheann sé: lán de cheól, de bhrigh.

bíodhgaim: *b.a. 7 n-a.* músclaim, bainim preab as; tagann líonrith orm. Bíodhg! ná feiceann tú go bhfuil an mhaidean caithte: corruigh! brostuigh! Sin í an chainnt is mó do bhíodhg me lé fada: is mó chorruigh me, gur chuireas suim innte. Dubhairt sé rud éigin uathbhásach gan choinne agus do bhíodhg sé me: bhain sé preab asam. Gach uair a chidhim an áit áluinn seo bíodhgaim: léimeann mo chroidhe. Suidhte i leathtaoibh dho ar feadh na huaire budh dhóigh lé haonne ná raibh sé ann in ao'chor ach chómh luath agus glaodhadh air bhíodhg sé: chorruigh sé, chuir sé suim i ngach rud n-a thímcheall.

bíoma: *f.4.* sail mhór, fhada, adhmaid; géag, meádha (fíoghardhacht), fear árd, láidir. Féach na bíomaidhe géag atá air: géaga breághtha, acfuinneacha. "Bolg an bhíoma" deirtear le fear cumasach. Buachaill chómh láidir lé bolg an bhíoma seadh é: buachaill scafánta, sláinteamhail, láidir. A bhíoma gan anam! a dhuine mhóir gan tapamhlacht. Tugann sé a shaoghal sínte n-a bhíoma n-a chodladh: n-a shlaod: ar a fhaid a's ar a leathad, go leisceamhail. Fuaireadh bíoma dathad troigh ar an dtráigh indé: sail mhór

adhmaid dá mhéid sin. Bíomaidhe na luinge: na saileanna a bhíos treasna i dteannta an léibhinn.

bior: *f.1. 7 3.* spíce, ceann caol géar ar aon rud; úirlis chaol chruinn iarainn chun na teine do mhúscailt; cuma (féachaint) chruinn ghéar ar dhuine. D'imthigheas ar bhior mo chinn síos i bhfarraige: chuadhas i leith mo chinn: mo cheann romham amach. Cuir bior ar do shúilibh ná tagadh aonne i nganfhios duit: ná bíodh aon scáth-shúilidhe ort, bíodh do shúile ag féachaint go géar. Tá mo shúile ar bior ag feitheamh leat lé huair an chluig: níor stadas ach ag faire an rabhais ag teacht. Cad é an bior so chun oibre ort! nách ort atá an fonn ar fad. Ná cuir aon bhior id shúilibh chugham-sa: ná féach chómh cruinn, géar san orm-sa. Is mór go léir an bior atá ort: an deabhadh, an neamhfhoidhne. "Cuir ar bior é!" cuir os cionn teine, ar iarann cruinn, caol dhá rostadh é! deirtear so lé duine go mbeadh rud éigin aige gur dhóigh leis a thaithneóchadh leat agus ná teasbáinfeadh ná ná tabharfadh duit é (seanbhlas). Budh mar a chéile dhom é, dá gcuirinn ar bior é, ní dhéanfadh sé aon rud orm: pé rud a iarrfainn air ní dhéanfadh sé mo thoil. "Dá mbeadh Éireannach ar bior gheobhfí duine a iompóchadh é" – seanrádh: thiocfadh duine agus d'iompóchadh sé an taobh síos suas de ar eagla ná beadh teine agus pian a dhóthain aige.

biorach: *a.* Tá mórchuid chnoc biorach in iarthar Chiarraidhe: beannach, géar. Do mheil clocha bioracha an bhóthair mo bhróga: clocha géara. Biorach go maith atá an lá: fuar nimhneach.

biorán: *f.1.* (**bearrán**) blúire adhmaid, iarainn, cruaidhe, nó a lithéid, fada, caol, cruinn chun rud do cheangal dá chéile. Chuir sí an biorán suain ann: biorán draoidheachta: do mheall sí é. Biorán buidhe (práis): ar bhiorán bhuidhe nuair chaithinn taosc na gloine seo sa dá shúil thabharfainn nár labhair: ní fiú faic thu dréir mo mheasa ort. Tá dhá bhiorán ar an gclog .i. ceann fada agus ceann gearra, an c.f. foillsigheann na nóimintidhe, an c.g. an uair a chluig. Níl ort ach gortughadh beag, ní mó (fiú) biorán a's é: rud gan aon tábhacht an mháchail atá ort. Ní fiú biorán a bhfuil ort: níl aon rud díobhálach ort. Níl aon phúint ar an mbiorán so: biorán gan tón. Deineann garsúin dubháin bhioráin chun bheith ag iascach breac: lúbann siad iad i bhfeirm dubhán. Biorán iarainn: dola iarainn. Biorán gruaige: gléas dhá bheann chun an fhuilt do chongbháil i dtreó. "Níl ann ach scríobhadh bioráin": an rian atá déanta aige tá sé an-éadtrom.

bioranta: *a.* clóchaiseach, dána, fuarghlas. Lá bioranta dob eadh é: fuar, glas, nimheamhail. Garsún maith bioranta seadh é: garsún cruaidh, clóchaiseach, coráisteamhail: ní haon amadán chun a ghnótha é. Tháinig gaoth bhioranta anoir de dhruim an chnuic: gaoth fhuar. Ná labhair chómh bioranta san, níl cur leis agat: chómh clóchaiseach san: dána thar mar is dual duit.

biorchluasach, biorshrónach, etc.: *a.* ag teacht chun bairr géir.

biorda: *f.* aire. Bí ar do bhiorda: bí ar t'aire. Bhí a fhios agam go rabhadar ar mo thí agus mar sin bhíos ar mo bhiorda: ar m'aire cheart agus ullamh n-a gcóir.

bioruighim: *b.a.* cuirim barr (barra) ar rud; bheirim chun barra chaoil. Bioruigh an peann luaidhe san, an bata, na tuigidhe sin: cuir barra caol ortha. Chaith sé an lá ag biorughadh scolb i gcóir dín an tighe. Bioruigh do shúile! oscail do shúile, agus féach go cruinn.

bith: *b.3.* an domhan, an saoghal; beatha, maireachtaint. Ar bith: in aon chor, sa tsaoghal. Níl airgead ar bith agat: níl aon airgead in ao'chor agat. An bhfuil fear san mbith mar thu?: an bhfuil aonne in aon áit mar thu? Ní raighead in aonfheacht leat ar chor ar bith: ná bíodh aon amhras go raighead - ní raighead. Pe (cé) ar bith a chídhfeadh thu gabhtha mar sin ní fhéadfadh sé gan gáiridhe fút: aonne. Eagla ar bith: gan aon eagla.

bitheamhanta: *a.* tugtha do ghadaidheacht; bheith goidthe. Ainmhidhe bitheamhanta seadh an bhó so: bradach, téidheann sé i bhfoghail, nó bó do goideadh seadh í. Airgead bitheamhanta atá aca: airgead nách dtáinig chúcha go hionraic. "Tóg díom do shúile bitheamhanta", ar sise leis: súile cladhaire, meallta. Fear bitheamhanta seadh é, dá mbeadh an chaoi aige: ghoidfeadh sé.

bitheamhnach: *f.1.* duine a ghoidfeadh, cladhaire, ropaire. A bhitheamhnaigh! Má bheirim-se ort: a chladhaire (duine go bhfuil cúis éigin air nách cóir), díolfair as do dheáibreacha. Bitheamhnach goid seadh thu: tá an oiread drochrud déanta agat a's go bhfuil an chroch tuillte agat. "A bhitheamhnaigh! táir agam" deirtear le seódh nuair thiocfá ar dhuine go hoban. Bitheamhnach bó: bó ná stadann ach d'iarraidh dul i bhfoghail. Nách é an bitheamhnach é; do bhearraidh sé é féin lém rásúir gan chead: duine nár mhór duit bheith ar t'aire féin air. "Is tú bitheamhnach Ghleanna Fleisce": táir chómh holc leis an mbitheamhnach áitrighthe a chómhnuigh i nGleann Fleisce. Is í an fharraige an bitheamhnach: ní h-aon iontaoibh í: bíonn sí conntabharthach an lá is ciúine í.

bladaire: *f.4.* duine breaghlághach, duine milischainnteach. Bladaire breágh seadh nuair theastuigheann ao'nidh uait: bíonn cainnt lághach, mhilis agat d'fhonn go sroichfeá an nidh atá uait. Ní maith liom tu, a bhladaire, bheith ag cainnt agus do chroidhe leis: plámásaidhe seadh thu. Bladaire ban ní headh me: ní bhím d'iarraidh ban do mhealladh lé fuighle mhilis nó plámás: ghá moladh go mealltamhail.

bladaireacht: *b.3.* plámás, meallchainnt, bréaglághacht. Ní bhfaighir mise lé bladaireacht: le cainnt mhealltach, ghom mholadh as gan tú i ndáiríre. An bhfeiceann tú an fear ag an mbórd san thall ag bladaireacht leis an gcailín úd?: ag cainnt go mín lághach léi ghá bréagadh. Chaith sé dhá uair an chluig ag bladaireacht liom: d'iarraidh bheith muinnteardha liom, d'fhonn rud éigin do bheith aige asam dá bhárr. Bí ag bladaireacht leis agus b'fhéidir go gciúnóchadh sé: bí d'iarraidh sásamh do chur air lé moladh nó úirísleacht do. Ní bladaireacht is fearr liom ach an fhírinne: ná bítear d'iarraidh me do cheannsughadh nó d'iarraidh do chur n-a luighe orm gur malairt duine seachas mar is dóigh liom féin me, nó d'iarraidh brabúch do bhreith orm go cam. Níl bladaireacht ná fuil ar eólas aige: tá slighe mhealltach aige tímcheall ban.

bladar: *f.1.* cainnt phlámáis. Ná bí ag bladar leis: innis an fhírinne dho nó ná bí ag foidhneamh leis, nó bí teann leis. Ná bí d'iarraidh teacht chun bladair liom mar ní lé cion é: ná bí d'iarraidh muinnteardhais do dhéanamh liom. Tá bladar do dhóthain agat agus sin

uile a bhfuil de mhaith ionat: cainnt bhreágh, bhog gan aon chur léi lé gníomh. Bí ag bladar leis agus b'fhéidir go ngéillfeadh sé dhuit: labhair leis i slighe do thaithneóchaidh leis. Tá bladar agat ar mh'anam: táir ag cainnt go mín ar do shon féin. Ní bladar go dtí mar fuaireas: bhítheas anmhór liom lé hinntin rud éigin d'fhagháil dem bhárr.

bladh: *f.3.* cáil, clú, meas. Raighead ann gan bhladh gan bhuidheachas duit: d'aindeóin a bhfuil de mhíoshásamh ort mar gheall air: i gcionnibh do thola. Obair gan bhladh gan bhuidheachas do rinne sé ar do shon: níor thugais clú, meas ná buidheachas do mar gheall ar a rinne sé dhuit.

bladhgaire: *f.4.* duine a bhíos ag maoidheamh 'sag cainnt go glórach. Cad ná déanfadh sé? Éist, a bhladhgaire, ná bí ag maoidheamh as thréithibh nách bhfuil ionat.

bladhgar: *f.1.* cainnt árd, fhollamh; maoidheamh; áidhbhéiseach. Stad den bhladhgar, ná bí ghá innsint dúinn cad dhéanfá, ach déin é: cainnt gan cur léi. Tá bladhgar do dhóthain agat pé scéal é: cainnt go flúirseach pé rud eile atá nó ná fuil agat. "Dubhairt sé liom gur thuill sé fiche púnt in aon tseachtmhain amháin" – "tá bladhgar aige": áidhbhéis. Ní haon bhladhgar do a rádh gurbh é an fear dob fhearr ag dul isteach 'on daingean é, mar dob é: tá an fhírinne ann. An bhfuil cur léd bhladhgar agat: an gcóimhlíonfá na rudaidhe go bhfuilir ag maoidheamh asta? Bladhgar!: geallamhaintidhe móra: ag cainnt ar son na cainnte, gan aon inntin cóimhlíonta aige.

bladhm: *f.3.* lasair mhór, splannc obann; torann. Féach an bladhm atá aige lé n-a phíp: an deatach tobac atá aige. Níl aon bhladhm ag an dteine: níl aon lasair ag éirghe aiste. Ar feadh na hoidhche bhí bladhmanna tóirnighe ann: splanncacha agus fothrom. Tá bladhm maith gréine ann indiugh: tá an ghrian ag taithneamh go maith. Bladhm gan smól seadh do theine: dearg ar fad agus ar lasadh gan aon deatach. Ná tagadh aon bhladhm ort chugham: aon fhearg. Tá an tigh n-a bhladhm: lán tsoillseach.

bladhmaim: *b. n-a.* lasaim, tagann fearg orm. Do bhladhm sé chugham: tháinig fearg thar meón air. Bíodh foidhne anois agat is cuma cad é chúis feirge atá agat ná bladhm: ná las le feirg. Ní túisce thabharfá lasán d'oíle 'ná bhladhmfadh sí: lasadh sí go mear.

bladhmann: [**bladhman**] *f.1.* scaothaireacht; cainnt mhórfhoclach. Má bhuaidh sé féin ní gádh dho an bladhmann ar fad, is beag eile d'fhéadfadh sé do dhéanamh. Duine bladhmainn seadh é, ná bíodh aon scáth ort roimis: níl cur lé n-a chainnt aige.

bladhmannach: [**bladhmanach**] *a.* go mbladhmann. Ná bí go deó bladhmannach ní cómhartha dílseachta é: ná ritheadh do theanga leat.

blaiseadh: *f.* (*-ta*) do thásdáil lé teangbháil na teangan; dul i dtaithighe rud trí n-a thásdáil, cuid den rud do thógaint i mbéal, blúire nó cuid bheag d'aon rud. Tá sé chómh lag san agus ná bíonn sé ach ag blaiseadh an bhídh: ní itheann sé cheal misnigh ach fíorbheagán den bhiadh. Blaiseadh mo phuis ní bhfuaireas den bhfeoil: oiread is chuirfinn im bhéal. Níl an blaiseadh féin anois ann, tá sé dulta chun deireadh chómh mór san: ní itheann sé ao'nidh gur fiú trácht air. Bíonn sé ag blaiseadh na dighe thar ceart: ólann sé

an iomad. An bhfuil aon tobac agat? níl, blaiseadh: pioc in ao'chor. Níl a bhlaiseadh anois ann den arán ná go bhfuil ithte: oiread agus a rian. As a bhlaiseadh is feárr é: dá mhéid do chaithfeá dhe seadh is mó thaithneóchadh sé leat. T'r'om blaiseadh beag, ar ghrádh Dé: tabhair dhom a bheag nó a mhór, mar tá dúil agam ann.

blaisim: *b.a.* cuirim im bhéal, ithim, teangbhálaim le. Ná blais braon go cionn bliadhna agus is feárrde thu é: ná hól aon deoch mhearbhaill. Blais do chuid bídh: tosnuigh ag itheadh. Blaisfir an bás, adeirim leat mara mbír aireach ar an leómhan san: gheobhair aithne ar an mbás.

blaistínteacht: *b.3.* ag blaiseadh rud chun a thásdála an maith nó olc é; ag itheadh n-a bhlúiridhibh beaga nó ag ól n-a bhraonaibh beaga; ag deochadh; ag fadsúghrac mar bheadh leanbh lé milseán. Ná bí ag blaistínteacht leis an mbiadh ach ith do dhóthain de: ná bí mar bheadh duine ag tásdáil cad é an blas atá air, ach sáidh fé mar dhéanfadh duine go mbeadh goile aige. Bhínn ag blaistínteacht leis an ól an uair úd agus níor bhfeárrde mé é: do bhinn ag ól go mion agus go minic.

bláith: *a.* fionn, áluinn, líomhtha, caoin, snasta. Mo Mháire bhláith: mo Mháire bhreágh. Tá leabaidh bhláith agat lé síneadh uirthe tréis do lae oibre: leabaidh áluinn, sheascair. Fuaireas leitir bhláith óm ghrádh indiugh: leitir thaithneamhach. A dhuine bhláith, is aoibhin liom do chuideachta: a dhuine a thaithnigheas liom go mór. Níl aon amhras ná go bhfuil an t-amhrán san agat go bláith: go haoibhin.

bláithe: *b.3.* áilneacht, líomhthacht, taithneamhthacht. Níor fhéadas gan stad ag amharc na coille lé n-a bláithe: lé n-a taithneamhthacht. Mheallfadh sí aonne lé bláithe a cainnte: líomhthacht. Chuaidh bláithe na mná n-a chroidhe: do ghaibh iongtas é do scéimh na mná.

blas: *f.1.* an tsians nó an mhotháilt do bhraithimíd nuair theangbhálann an teanga nó an carbhad lé haon rud; teine (tuine) cainnte; úrlabhraidheacht cheart. Blas bídh, dighe, cainnte: sásamhacht. Níl blas an bhídh ar an arán so in ao'chor: budh dhóigh leat nách arán in ao'chor do bheadh id bhéal agat. Tá blas ar do chainnt: tá ciall leat, tá deallramh leis an nidh atá agat dhá rádh, is fiú éisteacht leat. Ní bhfaighim aon bhlas ort: ní thaithnigheann tú liom, ní bhfaighim chun mo shástachta thu. An bhfuil aon bhlas agat ar an scéal so? an bhfuil aon rud ann a thaithneóchadh leat? Féach an obair aindeis sin agat, níl blas ná dath ort: níl aon mhaith in ao'chor ionat, ní théidhir i bhfeighil do ghnótha mar budh cheart do dhuine. D'fhágas an bhallóg rófhada ar an dteine, tá blas dóighte uirthe: blas na teine. Tháinig blas cabhruighthe ar an ím: blas truaillighthe, blas go raibh sé ag dreódhadh. Cuir blas ar do chuid scríobhnóireachta: scrígh níos fearr d'fhonn é do bheith so-amhairc. Sin cainnt go bhfuil blas na fírinne uirthe: cainnt go bhfuil deallramh nó crot na fírinne uirthe, cainnt inchreidte seadh í. "Bíonn blas milis ar chuid ár gcómharsan" – seanrádh: is fearr linn rud nách linn féin ná an rud is linn féin: cúblálann duine chuige lé sainnt rud nách leis féin. Gheibheann sé blas na meala as gach aon rud aca: tá sé chómh casta san aca ar a méir gur maith leis aon rud do dhéanfaidís. Fuaireas blas na meala ar an iasc so dá olcas é, mar bhí ocras orm: ní raibh aon locht agam air. Ná bíodh aon tsúil agat leis seo, ní bhfaighir a bhlas: pioc de. Ná tabhair ach a bhlas do: beagán. Ní gádh dhuit é

sin do rádh airís, tá an blas ceart agat: labharann tú mar budh cheart. Ní thagann blas roim thaithighe: ní féidir lé duine teanga do labhairt n-a ceart gan cleachtadh do dhéanamh uirthe. "Blas nár faighir air!", deirtear é seo lé duine nó ainmhidhe a bhíos ag cur suas de rud d'itheadh. "Blas gach bídh salann" – seanrádh, gan salann ar rud úr, mar feóil, nó iasc nó ubh, ní thaithnigheann sé leis an gcarbhad go rómhaith. Beidh seanbhlas ort i dtaobh bheith déidheanach chun do ghnótha: beidhfí míchéadfadhach leat. Ná bíodh seanbhlas cainnte ort liom-sa toisc gan mo ghnóth bheith déanta i gceart, mar níl aon taithighe agam fós: ná bí ghom mhilleánadh n-a thaobh. Tá seanbhlas agam ort: ní thaithnighir liom. Tagann blas leamh aca orm toisc ná bím ag tráchtáil leo: ní maith leó me toisc ná bím ag tógaint earraidhe uatha. Is ait liom go bhfaigheann tú blas ar an hata san, dar liom ná fuil dath maith air: go dtaithnigheann sé leat. I rith an lae ní rinne sé blas: aon obair.

blasta: *a.* tar barr leis an dteangain; sciamhach; líomhtha; binn; anshásamhach dos na siansaibh. Déin do ghnóth go blasta agus ní gádh dhuit aon fhaitchíos do bheith ort: go sásamhach, i gceart. Thug sé buille chómh blasta san dom gur bhris sé mo chorrán: buille chomh niadhta, fuinneamhail sin. Is blasta rith leat ar gach gnóth: níor theip aon ghnóth aca ort, d'éirigh leat go maith. Tháinig cainnt bhlasta uaidh ar an gcáin: do labhair sé go ciallmhar, sásamhach ar an gcáin. Léighir go blasta, a gharsúin, is breágh liom bheith ag éisteacht leat: is binn lém chluais tú ag léigheamh. Is blasta an chulaith éadaigh do chaitheann sé: is taithneamhach an t-éadach a bhíos air. "Tá tigh breágh agat" – "má tá, dhíolas go blasta as": go daor. Níor bhlasta liom bheith ag éisteacht lé haon fhear riamh do chuala 'ná leis: níor bhinne liom. Bíonn biadh blasta sa teach san: biadh soghail, is fiú d'itheadh. Do sheólas an bád go blasta tríd an ndrochfharraige sin: gan aon locht. Níor thóg sí aon cheann díom cé gur bheannuigheas go blasta dhi: go módhmharach, béasamhail.

blastacht: *b.3.* binneas; feabhas, breághthacht, líomhthacht. Fuair sé moladh mór ón gcigire lé blastacht oibre na scoile: lé n-a feabhas. Cad n-a thaobh ná beadh sé déanta go maith cá ngeobhadh blastacht an fhir: chaithfeadh feabhas agus críochnughadh oibre an fhir iad féin d'fhoillsiughadh. Cuireann an síntiús san blastacht ar an mbailiúchán: tugann sé breis chuma air. Ní raighidh aon rud amugha ort léd bhlastacht: níl aon neamhfhaillighe ag baint leat. Blastacht a chuid cainnte fuair an t-ionad do: feabhas a chuid cainnte.

bláth: *f.3.* ₇ *b.3.* an duilleóg bheag, thanaidhe, leóchaileach, dhathach a fhásas ar phlannda, aoirde feabhais. "Cad deirir – triocha bliadhain? – nílir ach i mbláth na hóige" – aoirde feabhasa na hóige. Do cheap an file amhrán do "bhláth bhán na finne": scéimh fíorbhreágh na háilneachta. Dá mbeadh sé mar bhláth ort go mbeadh aon tsaghas botháin tighe agat i ndeireadh do shaoghail: rud gur bhféidir leat a rádh: tá so agam tréis mo shaoghail. Níl sé de bhláth ar a gclainn go bhfuaireadar lá scoile: níl san de bhail (d'fheabhas) ortha. Ní fada bheidh na bróga so mar bhláth ort, a leinbh, má bhír ghá smiotadh i gcoinnibh cloch mar sin: ní fad mhairfid agat. Is beag de bhláth an tsaoghail aige, dá fheabhas a oibrigh sé: is beag de bhárr an tsaoghail aige. Chuireas an méid seo de bhláth orm féin gur cheannuigheas culaith éadaigh: d'fheabhasuigheas me féin an méid sin. Tá an gort fé bhláth: pé rud atá ag fás ann, tá sé ar fheabhas fé láthair. Cuirfead-sa ó bhláth thu, dá mhéid fuadair fút: bainfead-sa ded réim, coiscfead nó maolóchad thu. Tá na

seacha i mbláth, tá an duilleóg dhathach (seachas glas) tagtha ortha. Mo bhláth thu: mo ghrádh thu.

bláthach: *a.* go mbláth, lán de bhláthannaibh. Tá siad ag fás go bláthach: go han-mhaith. Nách bláthach an chuma atá ort: gléasta go maith, taithneamhach.

bláthach: *b.2.* an bainne fágtar tréis an ime do bhaint as an uachtar. "Ní bainne bláthach" – seanrádh, nuair bítear ag tagairt d'aon leann suarach. "Is maith leis na mnáibh dealbha an bhláthach" – seanrádh: bíonn an duine bocht sásta an dríodar d'fhagháil, nó gabhann sé lé rud ná geóbhadh duine is saidhbhre ná é leis.

bláthas: (**blás**) aiste mhaith, áilne, bheith i mbláth. Tá blás maith feóla ar an mbuin sin: tá sí ar aiste mhaith maidir lé feóil de. Níl aon bhláthas ort: níl cuma shláinteamhail láidir ort. Tá bláthas (blás) oraibh, bail ó Dhia oraibh: tá cuma mhaith oraibh.

bláthmhaireacht: *b.3.* an stáid bhláthmhar; feabhas; dearscnacht. Chuirfeadh sé aoibhneas ar do chroidhe féachaint ar bhláthmhaireacht na háite: ar a áilneacht. Ní bláthmhaireacht go dtí Máire: níl aon chailín chómh sciamhach lé Máire, chómh breágh dreach.

bláthmhar: *a.* bláthanna do bheith air; beith ar aiste mhaith, óg. Bíonn na guirt bláthmhar san earrach: bíonn bláthanna ag fás an tráth san ionta. "Connus taoi?" – "go bláthmhar": go maith, go maith as. Is maith liom tú bheith chómh bláthmhar agus thaidhbhsighir: cuireann sé áthas orm thú bheith chómh sláinteamhail nó neamhspleádhach agus tá cuma ort.

bláthuighim: *b.a.* $_7$ *n-a.* cuirim chun blátha; tagaim i mbláth; téidhim chun cinn. Níor bhláthuigh an rós fós: níor tháinig an bhláth air. Ná bí dian ar an leanbh, tá sé óg, bláthóchaidh sé fós: raighidh sé chun cinn, déanfaidh fear maith dhe. Cuir uait airgead na mbocht, ní bhláthóchair dá bhárr: ní raighidh sé chun do thairbhe. Tuilleadh deithinis agus bláthóchadh an obair: raigheadh an obair chun cinn go tapaidh.

bleácach: *f.1.* duine nách cóir mórán spéise do chur ann. Éist do bhéal, ní thabharfainn aon tor ort, a bhleácaigh: a dhuine gan áird. Cé éisteóchadh leis an mbleácach san?: cé hé chuirfeadh suim i gcainnt an duine sin gan fuaimeant. "Tá fir mhaithe ar ár dtaobh-ne" – "tá mhuise, scata bleácach!": scata nách fiú féachaint ortha.

bleachtanas: *f.1.* crúidhteachán, an méid bainne is féidir lé baineannaigh do thabhairt; toradh. Tá bleachtanas maith ag an mbuin: cuid mhaith bhainne. Ní mór an bleachtanas atá aige tréis ar dhein sé: d'aimhdeóin ar dhein sé is beag é a thoradh.

bleachtmhar: *a.* bainneamhail, toramhail. Ba bleachtmhara seadh an mian bó san agat: tugaid bainne go flúirseach. Talamh bleachtmhar seadh an fheirm seo: tugann sí toradh maith.

bléin: *b.5.* an chlais ón ngabhal duine go cromán; lúb talmhan (i gciumhais farraige) i bhfeirm corráin gealaighe. Greadadh id bhléin: go raibh tinneas ort (drochghuidhe). Bhain an dochtúir cnapán as a bhléin. "Bléin an dúna": lúb fharraige. Tá bléinteacha maithe ag an gcapall san: tá deallramh maith air siar ar dhá thaobh a bhuilg.

bléineann: *a.* (**bléinfhionn**) ball nó síog gheal do bheith i mbléin ainmhidhe. Bó bhléineann.

bléagaim: *b.a.* crudhaim. Do bhléagainn an bhó dhá uair sa ló: do bhaininn an bainne dhi. Is mithid do bheith bleáighte aca, bíd ag tógaint 'sag tógaint uaidh gan aon rud do thabhairt do: crúidhte, bochtnuighthe.

bloc: *f.1.* cnapán tiugh, teann d'aon rud; bloc cloiche, adhmaid, fir etc. Nách é an bloc (fir, garsúin etc.) é: nách é atá déanta go teann córach. D'fhás sé n-a bhloc bhreágh fir: fear cúmtha láidir. Bloc cloiche ar thaobh an chuasa seadh an áit calathóireacht atá ann: geannc nách bhfuil gearbach. Mo cheann ar bhloc ná buaidhfidh an capall san an rás: cuirfeadh aon gheall etc. Suidh cois teine ar an mbloc so: ar an ngeannc adhmaid seo. Gearrann an brothaire (búistéir) a chuid feóla ar bholc trom adhmaid: ar gheannc chomhchruinn.

blodh: *f.3.* blúire, giota beag. Thuit an crúsca as mo láimh ar an úrlár cruaidh agus deineadh blodhtacha dhe: blúiridhe miona: ciota fogha. Bhuail an long ar fhochais agus d'imthigh sí n-a blodhtachaibh: deineadh smidirínidhe dhi: gránlach: mionramh. Níor fhágadar gan itheadh ach blodhtacha beaga aráin: brúscar.

blomaire: *f.3.* duine bocht, fear maoidhte. Ní raibh riamh ionat ach blomaire: fear gaoithe, scailéithin (scailfhéithean). Sin é annsan an blomaire ameasc na bhfear ag cainnt 'sag cainnt a's gan faic dhá dhéanamh aige ach cainnt. An gcloiseann tú an blomaire dhá rádh gur bhuaidh sé dhá phúnt ar chártaidhibh? – níor bhuaidh sé oiread a's feóirling riamh: ag bréagmhaoidheamh atá sé.

blomaireacht: *b.3.* maoidheamh; mórfhoclacht; scaothaireacht. Cuir uaim do chuid blomaireachta agus déin rud éigin: stad de chainnt fholamh etc. Bíonn mórán blomaireachta ar siubhal ag lucht poilitidheachta: bíonn siad dhá mhaoidheamh go ndéanfaidís seo a's súd, a's súd a's so, agus gur cuma leó ach na daoine do mhealladh ar a dtaobh.

blomas: *f.1.* lán, éirghe anáirde. Ní gádh dho an blomas ar fad as a bhfuil déanta aige: an meas mór air féin agus an teasbántas. Ó fuair an fear san éirghe beag sa tsaoghal nár thuill sé agus nár dhual do, blomas ar fad seadh é: éirghe anáirde ná hiomcharann sé go rómhaith agus ná téidheann do.

bliadhain: *b.3.* dhá mhí dhéag; 365 lá agus oidhche. Bliadhain bhisigh: 366 lá. An bhliadhain seo chughainn: an bhliadhain seo ag teacht. "Cathain gheobhad mo leabhar ar ais uait?" – "gan aon teip gheobhair go luath é" – "gheóbhad, ar an mbliadhain seo chughainn!" – táim deimhnightheach ná faighead in ao'chor é (seanbhlas). Bliadhain

agus lá indiugh do saoghaluigheadh é: i gcóireamh an lae seo anuiridh. Déarfainn go mbeadh an tigh sin tógtha bliadhain ó indiugh: i gcionn bliadhna. Tá bliadhanta móra ó bhíos ar scoil in Áth Cliath: cuid mhaith bliadhna. Le bliadhanta beaga do phós sé ní fhéadfadh a chlann bheith aosta: ní fada de bhliadhantaibh ó phós sé (abair deich nó mar sin). Chaith sé na bliadhanta buana thar lear: an-chuid aimsire. Dá mbeiththeá lá a's bliadhain ag feitheamh leis ní thiocfadh sé: is cuma cad é an fhaid bheithfeá ag feitheamh leis etc. Cuirimís i leathtaoibh an gnóth so, níl mór-dheabhadh leis fé láthair, is féidir é do dhéanamh aon am i gcaitheamh na bliadhna: i rith, uair éigin sara mbeidh an bhliadhain caithte. Bead as baile ar feadh bliadhna: faid bhliadhna, beidh bliadhain sara bhfillead. Ná raibh san de luigheachán bliadhna ort: deaghghuidhe a tugtar do dhuine .i. ná rabhair breóidhte dá chionn san i rith na bliadhna. Fan againn i mbliadhna: ná fág sinn an bhliadhain seo. "Chuir sé ceangal lae a's bliadhna ar a churrachán, cuir i gcás, agus ná beadh sé uaithe ach aon uair an chluig amháin": láithrigheann an chainnt seo go minic i seanscéaltaibh: ceangal maith. Go n-abarthar lé haon rud indiugh a bhíos ceangailte go maith - tá ceangal lae agus lánbhliadhna air. Girrfhiadh bliadhna; "féach an girrfhiadh bliadhna", deirtear so lé hógánach nách dtéidheann stad air ach ag rith tímcheall ó bhliadhain bliadhain: ní chorruigheann sé amach as an mbaile: fanann sé ar an mbaile i gcomhnaidhe. An iomdha bliadhain agat orm? cad é an aois breise tusa ormsa? Nách í oidhche na gcéadta bliadhain í? oidhche do thaidhbhsigheann anfhada (agus a bhíos fada) ó imshníomh nó duadh éigin gurbh fhada leat uait an lá.

blonog: *b.2.* smearadh, saille, geir, bealadh. Níl ionat ach blonog chun aon mhaitheasa do bheith ionat: táir róbhog. Blonog ghé: smearadh, nó bealadh leachta méitheais na gé.

bloscadh: *f.* (*-tha*) pléascadh, glór mór mar ghnídheas an bhóchna nó gunnaidhe; faoiseamh. Ar chualais an bloscadh úd, cad dhein é?: an glór mór oban úd. Is í an fharraige atá ag bloscadh indiugh: ag bualadh go fíochmhar agus ag déanamh glóir mhóir. Lá an-chiúin dob eadh é, ach um thráthnóna tháinig bloscadh de ghaoith aniar agus níorbh fhada bhíomair ag déanamh na talmhan fé sheól: gaoth theann etc. "Connus tá t'athair indiugh?" – "tá bloscadh aige ó airéir, ach is eagal liom gurb é bloscadh an bháis é": faoiseamh, an faoiseamh a thagas uaireannta roim bhás. Is sláinteamhail an chuma atá ort aithnighim é ar an mbloscadh atá id cheannaghthaibh: lasadh an dath go soiléir it aghaidh. Thug an dochtúir cogus éigin dom a thug bloscadh dhom ón dtinneas: fuarthan, faoiseamh.

bloscaim: *b.a. 7 n-a.* déinim glór oban, fothrom, pléascaim, séidim (mar adharc); caithim le gunna. Do bhlosc an charraig lé neart na farraige: do phléasc sí. Bhloscadh na gunnaidhe móra gan aon tsos sa chogadh mhór: do bhídís ag caitheamh 'sag pléascadh. Go mbloscadh an biadh ort mar an ort atá an craos: go bpléascfair leis an méid atá dhá itheadh agat. Do bhlosc an cath: do thosnuigh sé go glórach.

blúire: *f.4.* smut, cuid bheag, blodh, fíorbheagán, pioc. Blúire maith feóla seadh deich bpúint: smut mór. T'r'om blúire aráin: smut ná fuil mór. "An bhfaighead aon rud?" – "ní bhfaighir blúire": an chuid is lugha dob fhéidir. Níl blúire gaoithe ann, caithfimíd rámhaidheacht: aon phioc gaoithe, puth. Níl blúire céille ag teacht duit: ar easbhaidh céille mar bhís riamh. Bíodh blúire éigin measa agat ort féin, ná bí ag éisteacht leó ag

tabhairt tarcuisne dhuit: seasaimh do cheart leó. Ceannuigh blúire tobac duit féin: roinnt thobac. Oiread agus blúire beag ní dheaghaidh im bhéal de: níor bhlaiseas aon chuid de. Tairng chughat an téad n-a blúire a's n-a blúire: cuid ar chuid, i ndiaidh a chéile. Duine fiadhain seadh é, níl blúire creidimh aige: is mar a chéile é agus págánach. Tá blúire talmhan agam síos cois na h-abhan: smut, stráice. Chuir sé blúire fé chruithneacht: smut.

bó: *b.4.* "Fear na bó féin fé n-a hearball" - seanrádh .i. an té gurb é a chúram rud do dhéanamh deineadh sé féin é agus ná bíodh sé ag brath ar dhaoinibh eile chuige. Bó bainne: bó a bhíos dhá chrúdh. Bó thórmaigh: bó a bhíos ag druideam lé gamhain do bheith aice. "An áit go mbíonn bó bíonn bean" – seanrádh.

bob: *f.1.* cleas cam, amus do fhritheáilt ar dhuine go mícheart. Bhuail sé an bob orm nuair thug sé cuireadh chun bídh ón tigh ósda dhom agus bhuail amach ón mbórd agus d'fhág mise chun díolta as: do cham sé orm. Ná leig d'aonne an bob do bhualadh ort: ná leig d'aonne an fear maith do bheith aige ort id chúram nó id ghnóth trí fhaillighe nó ceal gliocais. Níor bhuail an fear macánta san an bob ar aonne riamh: má fuair sé caoi nó amus féin ar dhaoinibh eile níor thairbhigh sé as. Bhuail an cladhaire an bob uirthe, nuair gheall sé dhi go bpósfadh sé í agus chuaidh agus phós bean eile: mheall sé í lé n-a thoil.

boc: *f.1.* scafaire d'fhear óg; duine mórtháhachtach ann féin. Chonnac bocanna an Daingin go léir ar an rás: lucht siopaidhe go n-airgead. Bhailigheadar go léir tímcheall orm a's me ag caitheamh mo choda airgid ortha ag gáiridhe 'sag magadh go rabhas im bhoc seóidh aca: im adhbhar grinn agus magaidh. Ní raibh aonne de thábhacht ann ach boicínidhe na sráide: fáslaigh bhaile mhóir. "Nách é an boc é", deirtear lé duine péacach, go mbonn fonn teasbántais air.

bóchna: *b.4.* an fharraige mhór, an mhuir. D'imthigheadar thar bóchna, an uile dhuine aca: chuadar go léir tar lear. Cuirfead an bhóchna idir me agus tu: fágfad annsan thu agus imtheóchad uait (tar lear).

bocht: *a.* ar cheal maoine, bheith gan oiread agus chothóchadh duine n-a cheart; gan puinn luacha nó tábhachta; lom; iontruaigh, olc. Is bocht an scéal é fear croidhe mhóir i mbaile mór gan airgead: is truagh an cúrsa é. An fear bocht is iomdha cruadhtan do rug air: fear gur truagh é. Mo leanbh bocht thu: tá cion agam ort, a leinbh. Ná bíodh aon tsúil agat lé cóngamh uatha san, ní raibh riamh aca ach an croidhe bocht: gan aon fhéile ionta. Cad é an gearán so anois ort, ní fheaca riamh tú ach béal bocht ort: ag cnáimhseán gan chúis. Ainmhidhe bocht: gan feóil. Tá cuma lom bhocht ar t'aghaidh, an amhlaidh go rabhais breóidhte?: táir tanaidhe ar t'aghaidh. Cailleadh a líon tighe, baineadh a chuid talmhan de, anois tá sé beó bocht: dealbh ar fad, ar fad. Ní hiongadh gan iad bheith láidir sláinteamhail a's iad ag brath ar bhochtbhiadh: biadh gan mórán scabháird. Turus bocht do thug sé go Mearaice: ní raibh puinn dá bhárr aige. Is bocht an léighteóir thu: ní léighir go maith. Is bocht an múineadh atá ort: níl aon bhéasa agat, nó níl sé de thoradh ort gur múineadh aon rud go cóir duit. Beart bhocht a dheinis air, é d'eiteach ar leathchoróin: rud suarach duit dob eadh gan leathchoróin do thabhairt do. An b'shin a bhfuil déanta agat ó mhaidean? mo náire thú, beart bhocht seadh é: níl oiread déanta agat a's gur fiú tagairt do. Ní bheimíd bocht i gcomhnaidhe: gan maoin, gan ár ndóthain. Talamh bocht seadh é,

ní thabharfadh sé seagal gan bac lé cruithneacht: níl cré mhaith, thoramhail ann. Is minic d'fhuascail an fear san an bocht 'san nocht: daoine bochta dealbha gan faic de mhaoin, nó de strus an tsaoghail aca. Bocht go maith bhíonn an siopadóir sin ar an dtómhas: ag meádhachtaint rudaidhe dhocht is ar éigean do thugann sé an ceart uaidh. An bhfuil do dhóthain adhmaid agat chun búird do dhéanamh? Bocht a dhóthain, tá eagla orm: dian a dhóthain má tá. Fan bocht ar do chuid airgid: ná caith aon phioc de go díthcéillidhe.

bochtaine: *b.4.* dáil bhocht, aiste bhocht. Ní lé n-a bhochtaine ná caitheann sé airgead ach lé n-a sprionnlaitheacht: ní lé ceal é etc. Riamh, riamh ní chuala ó fheirmeóiridhibh acht bochtaine! bochtaine!: ceal agus gádhtar. Chuir sé uabhar a's bochtaine orm bheith ag éisteacht leis an scraiste ag cáineadh a dhúthaighe lé daoinibh iasachta: chuir sé fearg agus ceannfé orm etc.

bochtán: *f.1.* duine bocht; duine sprionnlaithe; duine gan spirid; duine iontruaigh; duine go dtéidheóchadh do chroidhe leis. Léan ort! a bhochtáin, ní fheicfeá do chroidhe dá mbeadh sé ar do bhais agat (lé n-a luighead): rud suarach, sprionnlaithe seadh thu [a chontrárdha so: tá croidhe bó aige!]. I gcuideachtain shaidhbhir is beag meas do bhíonn ar bhochtán: ar dhuine gan strus. Ní bheadh aon tsíos-ná-suas agam lé bochtán mar é: duine ná fuil fial. Shuidh sé annsúd n-a bhochtán dhoicheallach ameasc na cuideachtan: ní raibh drundum as, níor iarr sé ar aonne luighe leis ach thóg sé a bhfuair sé.

bod: *f.1.* Bod gaoithe: an seabhac gaoithe: bod buidhe. Bod na dtor is bod bóthair: dhá théarma a tugtar ar dhuine gan tábhacht; duine suarach gan aidhm ná áird ar aon nidh. Ná bí ag imtheacht mar sin ó áit go háit id bhod na dtor: gan gnó, gan aidhm. Táim im bhod bóthair de cheal chabhrach agus fiche gnóth ag déanamh orm: táim im sheódh nách fios ceaca gnóth budh chóra dhom do dhéanamh ar dtúis: gnóth ghóm dhalladh. "Cé hé seo chughainn anois airiú?" – "bod na dtor!" an duine éigin go bhfuil cáil díomhaointis nó scraistidheachta air. Bod na dtor: éan ag imtheacht ó thor (tom) go tor gan aon staidéar, saghas éigin gealbhain (fioghardhacht): duine nách gcómhnuigheann ach eaga bheag in aon áit amháin.

bodach: *f.1.* duine gustalach mursanta; tíoránach. "Rith bodaigh lé fánaidh" – seanrádh: gluaiseacht ar aghaidh gan aon rud chun duine do chosc. Nuair bhíonn i mullach chnuic agus ar tí teacht anuas deir sé an chainnt úd. Bodach ceart dob eadh an tighearna talmhan úd ná tógfadh cíos agus a chaith amach an treóntaidhe bocht: duine gan aon truagh. Bheadh sé n-a bhodach dá mbeadh cur leis aige: bheadh sé dian, neamhthrócaireach dá mbeadh cumas aige air.

bodach: *a.* láidir; cíocrach. Duine bodach ar gach aon tsaghas slighe dob eadh é: láidir, fonnmhar. Ná bí chómh bodach tímcheall na dighe: ná bíodh fonn ort a furmhór do bheith agat féin.

bodaire: *f.4.* duine beag gan tábhacht; duine tábhachtach ann féin; duine a éirigheas beagán sa tsaoghal ó bhochtanacht, iasc beag. Fág mo radharc a bhodaire, ní labharfainn leat: a dhuine tháir. Do dhein na bodairidhe feirmeóiridhe go maith ar an aonach indiugh: lagfheirmeóiridhe gur mór aca iad féin. Tá gluaisteán ag gach bodaire sa tsráid anois:

lucht airgid. Ní beag agat tú féin, a bhodaire! tá meas agat ort féin, a dhuine strusamhail gan uaisleacht. An raibh aon iasc agat tréis do lae? bhí, ach bodairidhe dob eadh iad go léir: éisceanna miona.

bodaireacht: *b.3.* ag déanamh rud gan puinn tábhachta nó maitheasa. Bíonn sé ag bodaireacht iascaigh maidir lé feirmeóireacht: ag déanamh beagáinín iascaigh. Ag bodaireacht thugann sé leath a shaoghail: ag rith thall 'sa bhfus ag gabháil de mhionrudaidhibh gan tairbhe.

bodhaire: *b.4.* ceal éisteachta; neamhshuim; mearbhall. Tá bodhaire air ó rugadh é: níl an clos aige. Bodhaire ort! (bodhaire na cloiche ort!) (drochghuidhe). Bodhaire agus bacaighe ort (an-dhrochghuidhe): nár chloisir i gceart agus ná rabhair in ann siubhail i gceart. "Níl aon bhodhaire air seo": cloiseann sé go maith dá mbfiú leis cainnt. Bodhaire Uí Laoghaire ort. Is tú an bodhaire againn: duine a chuireas duadh orainn. Ní thuigim an rud so in ao'chor, tá bodhaire éigin orm: mearbhall aigne. D'aithnigheas ar bhodhaire na cloiche nár bh'fhada ó scoltadh í: an glór balbh a bhí aice. Tá bodhaire im mhéireannaibh ag an bhfuacht: nílim ábalta ar iad d'oibriughadh mar budh cheart. Ní tháinig aon bhodhaire ar an dtinneas ar feadh na hoidhche: níor laguigh sé pioc. Nár imthighidh an bhodhaire dhíot! deirtear lé duine go mbeithfeá ag glaodhach air agus ná cloisfeadh thu.

bodhar: *a.* gan éisteacht; neamhshuimeamhail, clipighthe. Tabhair cluas bhodhar don gcainnt gan éifeacht san: ná cuir aon tsuim innte. Tá mo lámh dheas bodhar pé chiall é: níl aon bhraithstint innte pé cúis atá leis. An bhfuil do lámh-sa bodhar? (in imirt chártaidhe): an bhfuil do lámh caithte uait agat? Dhéanfadh sé do cheann bodhar bheith ag éisteacht leis: chuirfeadh sé mearbhall ort. Táimíd bodhar aige ó bheith ag teacht chughainn: ciaptha is eaglach go bhfuil an corcán briste. Tá glór bodhar aige: glór balbh, glór ná beadh aige dá mbeadh sé slán. Dá mbeithfeá chómh bodhar lé cloich chloisfeá é: bodhar ar fad.

bodhraim: *b.a.* cuirim bodhaire, mearbhall, air; maoluighim tinneas, ciapaim. Do bhodhar an slaghdán é: do mháchailigh an slaghdán a éisteacht. Do bhodhar an fharraige iad: do chuir a glór mearbhall ortha. Ná bí ghom bhodhradh leis mar scéal: tá go leór de cloiste agam. Cuir an cheiridhe seo léd chois agus bodharfaidh sí an tinneas: maolóchaidh sí é. Tá sé n-a chodladh anois agus ná bí ghá bhodhradh: ag cur isteach air. Táir bodhartha aige: curtha it éisteacht.

bodhrán: *f.1.* duine bodhar; duine nách mbíonn éisteacht chruinn aige; cainnteóir nách mbíonn róshoiléir. Bodhrán droma. Connus chloisfeadh an bodharán thu? tá sé chómh bodhar san (nó easbhaidh éisteachta ar fad air) ná féadfadh sé tú do chlos. Do dhein úird an mhuillin bodhrán de: chaill sé a éisteacht lé n-a nglór. Labhair amach, a bhodhráin, cad tá ar do theangain?: t'úrlabhra neamhshoiléir dom. Nuair buailtear bodhráin chun catha: na dromaidhe.

bodóg: *b.2.* ainm a tugtar ar mhnaoi nách mbíonn críochnamhail, bean leadhbach, neamhghasta. Bodóg bhocht fhial seadh í: bean bhocht gan aon ghastacht, a's croidhe

mór aice. Táim im bhodóig cheal snáthaide: nílim in ann aon rud do dhéanamh toisc gan í do bheith agam.

bog: *a.* maoith, fial, óg; aontach, soranna, séimh; tais; go mbeagán teasa; sochlaoidhte; soghonta. Is furaiste suidhe gen-a bhórd, fear bog seadh é: fial. Daoine boga macánta seadh do mhuinntir: soranna, ní deacair réidheachtaint leó. Táim bog ar a chuid bagartha: níl aon bheann agam air, neamhspleádhach. Seo fiacal atá bog id cheann, is fearr í do stathadh: ar luascadh, níl sí daingean ann. Bog breágh, a ghaiscidhigh, ná mairbh na fir: ná bí chómh teann, maoluigh ar d'fhuadar. Is buige an lá anois ná ar maidin: is séimhe an aimsir anois. Duine bog fé aon nidh a bhíos aige seadh é: fial, tabharthach, ní locfadh sé aon rud ar dhuine. Bí bog liom: ná bí dian orm. "Ná bí bog a's ná bí cruaidh" – seanfhocal: bí ann as: ná bíodh sé lé rádh leat go bhfuilir rófhial nó rósprionnlaithe, nó ródhian nó róneamhchruaidh. Éist leis ghá rádh dá mbeadh sé féin ann go saorfadh sé an duine báidhte, nách bog a thagann cainnt: glór gan gníomh atá aige. Thug sé sé mhí san ósbuidéal, tháinig sé bog ar gach aonne, duine ní dheaghaidh ar a thuairisc: níor chuir sé buairt ná duadh ar aonne. "Budh mhaith liom go maith thu" – "is mé atá ag teacht bog ort": tusa ná fuil puinn suime agat ionam-sa. Tagann airgead bog ar lucht bannc: gheibheann siad airgead gan mórán duaidh. Tá an saoghal bog orm: ní chuireann na daoine aon tsuim ionam. Táim bog ar an saoghal: níl beann agam ar aon rud ná aon duine. Tagann an saoghal bog orm: ní chuirim puinn suime sa tsaoghal, ní mharbhuighim mé féin lé hobair, ná ní bhrisim mo chroidhe d'iarraidh ionmhais do bhailiughadh. Nách bog an croiceann a mheasais dom do bheith orm, go gcreidinn scéal mar é sin: nách soichreidte mheasann tú me bheith. Croiceann bog atá fós ort: níor chruadhais lé taithighe an tsaoghail fós. Táim ag breith bog ar na daoinibh sin: ní bhíonn aon bhaint agam leó. Ní mór an deabhadh air, ag breith bog air, mar is gnáthach: gan fotharaga ná deifir ná imshníomh. B'fhuraiste éitheach do chur n-a fhírinne air, mar duine bog seadh é: saonta. Táir bog i mbliadhantaibh fós: óg, gan taithighe. Bog léd mhaididhibh annsan!: socair annsan! Tá an iall bog im bhróig: gan bheith fáiscighthe n-a ceart. Nách ort atá an ceann bog?: nách tu a chreidfeadh aon rud adéarfí leat? Gaoth bhog do thagann aniar ón bhfarraige: gaoth shéimh, shláinteamhail. "Bog, breágh, a Dhé, orainn, a's ár mbás in Éirinn" – seanrádh i gCorca Dhuibhne é seo: bheirimís fada ar saoghal a's beidh crích cheart orainn. Faigh airgead bog nó cruaidh: ar áis nó ar éigean. Talamh bog: talamh go raighfeá ar lár ann. Comh bog le pluda: an-bhog. Bíodh cuma bhog ort: cuma mhacánta.

bog-: *i gcómhfhocalaibh* cuibheasach, socair, séimh. Bogthe: cuibheasach te. Bogbheirbhthe: gan bheith beirbhthe n-a cheart. Bogchroidheach: deaghchroidheach. Bog-ghlórach: binnghuthach. Bogshásta: cuibheasach sásta. Bogchainnteach: do bheith séimh lé labhairt leis. Bogchortha: cortha go maith. Táim bogchortha ó bheith ag scríobh: cortha go maith. Oidhche bhogfhliuch do tháinig sé: go raibh báisteach ann gan fuacht. Bogfhliuch go maith do bhí sé daingean: a dhóthain mór dighe bheith caithte aige.

bogachar: *m.1.* buige, séimheacht; áit (talmhan) bhog; aimsir bhog, thais. Níor aibidh an coirce mar budh cheart le bogachar na haimsire: taisireacht. Seachain tu féin nó raighir ar lár, bogachar seadh an ait seo ar fad: talamh an-bhog.

bogach: *f.1.* áit bhog, portach, féith. Táim i mbogach agat: curtha i gcruadhtan, in áit gur deacair teacht as. "Do chuireas crúsca óir i mbogach bog idir dhá phortach i nDún an Óir" – seanrádh i gCorca Dhuibhne. Do dheineadar bogach dá cheann ó bheith ag gabháil air: brúigheadar é. Tá an gort n-a bhogach ón mbáistigh: raighfeá ar lár ann.

bogadán: *f.1.* aon rud bog, nó a bhíos ag corraighe, duine bog. Bogadán tlúth seadh é: tlúth ná fuil na beanna go cruinn air. Bogadán garsúin seadh é fós: óg, neamhchruinn. Ubh ná bíonn aibidh: ubh fiadha.

bogadghail: *b.3.* ar bogadh, ag corraighe; neamhshocaireacht. Bí ag bogadghail leat: ag cur díot go mall, socair. Má tá sé aosta féin bíonn sé ag bogadghail tímcheall an tighe: ag déanamh gnóthaidhe beaga, éadtroma. Níor leig an fhuinneóg aon néal chodlata orm, tá sí ar bogadghail agus bhí an ghaoth ghá corraighe: sochorruighthe.

bogadh: *f.* (*-tha*) do bhaint cruadhachta as, do bhaint fuachta as, do chorruighe, do mhaolughadh, do dhéanamh níos réidhe; féith fhial i nduine. Sin poll go gcuirtí líon ar bogadh ann fadó: an cruadhacht do bhaint as lé brigh an uisce. An ghaoth ag bogadh na gcrann: ag corraighe, ag luascadh. Cuirtear iarann sa teine chun a bhogtha: chun é do chur i slighe agus gur féidir é do liocughadh, do chamadh nó do chúmadh ar do thoil. Beidh feabhas ag dul ar do dhathachaibh lé bogadh na haimsire: lé séimhiughadh na haimsire. An bhfuil na prátaidhe beirbhthe fós? níl ná bogadh ortha fiú amháin: aon chuid den gcruadhacht imthighthe asta. Tá bogadh ar an uisce seo: tá teodhacht tagtha ann, nó níl sé chómh fuar agus bhí sé. Ní raibh aon bhogadh aige dhíom go raighinn in aonfheacht leis: ní leigfeadh sé uaidh me go dtí go ndeaghas leis. Bogadh ná sádhadh ní fhéadfainn do bhaint as: ní fhéadfainn é do chorraighe, nó ní fhéadfainn é do thabhairt ar malairt aigne, nó ní mhaolóchadh sé dom. Daingnigh cos na scuaibe sin, tá sí ar bogadh: ag corraighe sall sanall. Tá trí fiacla ar bogadh agam: nách bhfuil daingean. Tagadh bogadh ar do chroidhe, agus caith réal go dtín mbacach san: bí fial etc. "Connus tá an duine breóidhte indiugh?" – "tá bogadh aige": tá feabhas air, níl an bhreóidhteacht nó an tinneas chómh trom air indiugh. Tháinig bogadh san bhfarraige: borradh nó at. Bí ag bogadh do ghéag: ghá gcorraighe sall sanall. Beidh an saoghal ag bogadh orainn lé cóngamh De: ag dul i bhfeabhas: is fusa dhúinn maireachtaint. Bí ag bogadh leat abhaile nó beidh an oidhche agat: bí ag gluaiseacht (mar is áil leat). Níor dhein sé aon bhogadh amach lé seachtmhain: níor chorruigh sé amach thar doras. Bogadh gan bhrigh do bhíonn i seandaoinibh: lúth bheag. Tá sé in am bogtha: aimsir imtheachta.

bogadúradh: *f.1.* mainís, faillighe, ceal críochnuighthe, ag cur dúmais n-a luighe ar dhuine. Cuir uait an bogadúradh agus innis an fhírinne: ná bac clis; bí i ndáiríre. Ní le bogadúradh deintear aon rud tábhachtach: clis a's mealladh. Ná bí ag bogadúradh feasda, déin an rud atá rómhat: ná bí faillightheach ná ag leigeant ort.

bogaim: *b.a. ₇ n-a.* gluaisim, corruighim, maoluighim; croithim; luaiscim; cuirim in uisce chun na cruadhachta do bhaint as, ceannsuighim. Bog ort, tá an gárda ag teacht: gluais. Bog an bóthar duit féin: bí ag imtheacht ar do shuaimhneas. Bog an chloch san má fhéadann tú é: corruigh le neart, nó cómhacht í. Bog breágh, a dhuine chóir, ní gádh dhuit an fhearg ar fad: maoluigh tú féin. Bog an cliabhán: luaisc an cliabhán. Bog díom,

adeirim leat: scaoil do ghreim orm. Ná bog de chómh réidh sin: ná scar leis. Ní bhogfadh sé díom luath ná mall go n-ólainn n-a fhochair: ní bheadh sé sásta in ao'chor etc. Bog liom anois: gluais liom. Bog liom thu: cabhair liom. Óró, bog liom í, bog liom í, óró bog liom í, a's druid liom í anall, óró bog liom iompuigh í a's corruigh í, óró bog liom í, mo chailín deas donn" – amhrán. Ná bog do shúile den ndoras san: coimeád do shúile air. Níor bog sé a shúil di faid bhí sí ag rinnce: níor fhéach ar aon rud eile ach uirthe. Bogfaidh an deoch so anois é: cuirfidh sí rianán meisce air, nó maolóchaidh sí é: beidh sé níos fusa cóstáil leis. Níor bhog an aimsir go raibh sé isteach i lár an Abráin: ní dheaghaidh aon fheabhas uirthe. Níor bhogas mo bhéal le aonne beo air: níor osclas mo bhéal. Bhog sé chun labhartha: bhí sé ar tí labhartha a's stad sé airís. Bog do chos as san: tóg (ceartuigh) do chos. Níor bhog sé cos ná lámh chun éaluighthe: níor thug sé aon iarracht ar imtheacht i ganfhios. An mbogfá an tsnaidhm sin: an scaoilfeá í beagán. Bíonn sé bogtha go maith (ag an ól): oiread san ólta aige agus go n-aithneofá air é. Níor bhog aonne ar an mbaile fós: níor éirigh aonne fós. Bog an téad san, tá sí rótheann: scaoil léi.

bogán: *f.1.* ubh gan sleagán cruaidh. Tá bogán ag an gcirc féith (thalmhan): talamh bog.

bogás: *f.1.* do bheith sásta lé duine féin nó lé n-a imtheachtaibh. Nách bogásach an buachaill thu ná cuireann aon tsuim in aon rud: sásta leat féin. Ní bogás go dtí é, féach air: níl aon rud ag déanamh mairge dho ach é féin.

bogha: *f.4.* stráice adhmaid lúbtha mar corrán gealaighe, sreang ag ceangal a dhá cinn, gur féidir saighead nó urchar do chaitheamh leis; taobh báid nó luinge ag déanamh ar thosach a gcasadh ag teacht i dteangbháil lé n-a chéile ón dtaobh eile: cearcall nó stuagh ioldathach san spéir. Bogha leactha, bogha sín, bogha ceatha, bogha báistighe etc.: fáinne tímcheall na gealaighe nó na gréine. Cuir boghaite cúmtha ar an nadhbhóig sin: tosach deaghdhéanta. Dhein sé boghaisín i lár an bhóthair agus ní leigfeadh sé aonne isteach ann mar a raibh sé ag déanamh a chuid cleas. D'aithnigheas ar a lághaicheacht a's bhí sé go raibh sé ag baint boghaisínidhe ar rud éigin: go raibh sé chun aisce éigin do lorg orm. Do dhein an leanbh boghaisín ar an slinn le cailc: cearcall nó fáinne. Cómhartha báistighe seadh boghaisín ar an ngealaigh: fáinne. Is mór go léir na boghaisínidhe atá agat: is mór ar fad na bóithre atá dhá thabhairt isteach agat. An úirlis go mbíonn ruaimneach an chapaill air a cuimiltear de shreangaibh an bheidhlín chun fuamach do dhéanamh. Sa tseanshaoghal is lé saighead a's bogha do troidtí.

boghta: *f.4.* lochta, an tslighe idir shíneáil is úrlár anáirde. Deireadh mo sheanmháthair gur chuimhin léi daoine bheith ag rinnce ar thríomhadh bhoghta Chaisleáin an Mhúdhraigh. Cómhnuighim ar an dtríomhadh boghta: ar an tríomhadh húrlár anáirde.

bograch: *f.1.* aimsir fhliuch, áit fhliuch, bhog. Téidheann bograch go maith don gcoirce nuair bhíonn sé n-a gheamhar: báisteach a's ceódhmharán. Ná siubhal sa bhograch san, saileóchair do bhróga nuadha: salachar ar fliuchán.

bograchán: *f.1.* duine nó ainmhidhe bog gan puinn fuinnimh. Goirtigheann gach aon nidh thu, a bhogracháin: duine gan fulang. Ní bhein ag féachaint ort ag obair, a bhogracháin: a dhuine gan anam. Bogracháin gan urchóid dob eadh é gach aon lá riamh:

duine bog, macánta, gan drochaigne d'aonne. Ní shiubhalóchadh an bograchán san fiche míle i seachtmhain: an duine bog, sothraochta. Do dhein an t-ólachán bograchán de: chuaidh sé i reimhre 'si mbuige 'si neamhanamamhlacht ó bheith ag ól.

bogradh: *f.1.* ionann agus bograch; bogadh. Ní bhfaighir lé bogradh ná lé cruadhtan mise chun san do dhéanamh duit: lé bladar ná lé héigean. Tá bogradh ar an aimsir: tá sé de dheallramh uirthe go raghaidh sí i mbuige. I mbogradh 'si gcruadhtan níor thréig sé me: olc nó maith as dom b'é an cara céadna é. I mbogradh 'si gcruadhtan sé an fear grádhmhar céadna é: pé atharughadh thagann ar an saoghal aige ní shearbhuigheann ná ní mhórtasuigheann sé é.

bogshodar: *f.1.* ar shodar réidh. Chuireas an capall ag bogshodar: ag gluaiseacht ar shodar bhog, réidh. Chuir sé iongadh orm cad chuir chugham ag bogshodar é: deabhadh maith air.

bogstróc: *f.1.* réidheacht, socracht ag obair. Dhéanfá mórán siubhail ar do bhogstróc in aon lá amháin: ar do shuaimhneas ach gan sos.

bogúir: *a.* fial, neamhchruinn, soranna. Bhíos chómh bogúir leis agus leig mo ghustal dom do bheith: chómh flaitheamhail agus bhí ar mo chumas. Shaoileas riamh go rabhais bogúir go dtí so, ach táir chómh sprionnlaithe leis an ndiall féin: duine flaitheamhail do shaoileas a bhí ionat go dtí so. De dhaoinibh bogúire seadh thu: daoine fiala, fáilteacha, flaitheamhla.

bogúire: *b.4.* féile, laimhthighiseacht. Ná tabharfá cuid dómhsa agus a bhfuil agat, níl aon bhogúire ag baint leat: níl aon fhéile ionat; táir cruinn. Ní lé bogúire do scar sé leis an airgead ach lé heagla: ní lé féile thug sé uaidh é.

bóibéis: *b.2.* cainnt bhladhmannach, tóirtéis asat féin, bladhgar. Is mór a mbíonn de bhóibéis ar an bpáipéar mar gheall ar an ndórnálaidhe sin: cainnt árd, áibhéiseach. Labhair ciallmhar, ná bac bóibéis: cuir uait an chainnt ná fuil innte ach maoidheamh follamh. Ní raibh aon cheal bóibéise ar an ndligheadóir gur bhuail a chómh leis: budh mhustarrach, mórfhoclach é i gcúirt gur bhuail a chomórtas leis: ní raibh aon cheal cainnte air.

bóibéiseach: *a.* maoidhteach, áidhbhéiseach, deaghthuairmeach as féin. Labhair an dailtín go bóibéiseach liom ghá rádh gur mhó a eólas ar Ghaedhling ná me: go deaghthuairmeach as féin. Do sheasaimh sé go bóibéiseach ar an árdán: an-mheas aige air féin, budh dhóigh leat air ná raibh aonne mar é agus gan tacaidheacht ann leis. Níor stad sé ach ag maoidheamh as an aithne fhóirleathanadamhail a bhí aige ar dhaoinibh tábhachtacha a's budh bhóibéiseach é ghá dhéanamh: blomasach, maoidhteach, teasbánach.

boigéis: *b.2.* féile mhór, carthanacht, laimhthighiseacht gan chuimse. Ní hiongadh é bheith bocht anois mar thug sé a chuid uaidh lé boigéis: lé buigeacht a's féile a's

carthanacht. Fágfaidh an bhoigéis cimiar ort: teangbhóchaidh t'fhéile as do charthanacht leat: beir bocht dá gcionn.

boigéiseach: *a.* rófhial; róshaonta; róshoshásta; róréidh. Nuair chonnac é ag tabhairt leathchorónach don éigeas sráide b'ait liom é bheith chómh boigéiseach: chómh fial san ar fad. Ná bí chómh boigéiseach a's go gcreidfeá gach aon scéal a thagas chun do chluas: chómh saonta. An té a bhíos róbhoigéiseach ann féin éaluigheann rudaidhe air: an té nách mbíonn aireach tárluigheann rudaidhe dho i ganfhios. Is furaiste margadh an tighe do dhéanamh leis an bhfear san mar tá sé boigéiseach: ní deacair cóstáil leis.

bóiléagar: *f.1.* mainís, neamhaire; faillighe. Scaoileas an lá tharm ar bóiléagar: go faillightheach. Ná tabhair aon bhóiléagar i stiúradh an ghluaisteáin: ná bí neamhaireach, bíodh do shúile is do ghéaga ar do chúram. D'imthigh a chuid uaidh ar bóileagar: chaill sé a raibh aige lé ceal aire. Má gheibheann an gadaidhe aon bhóileagar ar an siopa san beidh rud éigin aige as: má gheibheann sé amus air nó uain ná bíonn aonne n-a bhun. Ní bhfuair aonne riamh aon bhóiléagar ar an bhfear san: ní bhfuair aonne caoi ar aonnidh do bheith aige as nó dá bhárr. Ná bíodh aon iontaoibh agat asam dá bhfaighinn aon bhóiléagar ort: seachain tú féin orm, dhéanfainn do dhíobháil dá bhfaighinn an chaoi. Ná fág an leabhar san ar bóileagar: ná fág in aon áit é go dtógfadh duine nó go n-éirigheadh ao'nidh dho. Tá leath mo ghnóthaidhe ar bóiléagar cheal aimsire chun a ndéanta: ag dul gan déanamh. Bhuaileadh sé chuige aon rud a chidheadh sé ar bóiléagar: thógadh sé leis aon rud ná bítí n-a chúram.

bóiléagarach: *a.* mainíseach, faillightheach, ar neamhaire. Ní hiongadh liom tu do chailleamhaint rudaidhe mar táir an-bhóiléagarach: ní thugann tú an aire cheart dóibh. Níor buaileadh fear chómh bóiléagarach riamh liom ag cur a ghnótha ar gcúl ó ló go ló: failightheach. Sid í an bhean ná fuil bóiléagarach tímcheall a tighe: a choimeádas gach aon rud i gcóir, cúntas cruinn ar an méid do chaitheann sí, gach aon rud go gasta n-a ionad cheart.

boimbéal: *f.1.* an tslighe thriantánach idir threasnán an chúpla agus an bhuaic. Muna bhfuil aon ghnóth agat do cuir 'on bhoimbéal é: cuir i gcoimeád é. Bhí an tigh lán go boimbéal: lán ar fad, gan tuilleadh slighe ann.

boinnleac: *b.2.* at cruaidh ar bhonn na coise. Boinnleac ort: go raibh do chosa attha ón dtalamh. Ní fheaca riamh thu ná beadh buineach nó boinnleac éigin ort: gearán éigin i gcómhnaidhe.

boireann: *b.2.* carraig mhór. Ní cloch do chaith sé liom ach boireann, deirtear chun méid na cloiche do chur in iúil. Áidhbhéis seadh é.

boirrche: *b.4.* gairbheacht; at; buile feirge. Ní mhairfeadh aon bhád béaloscailte sa bhfarraige sin, nách bhfeiceann tú an bhoirrche?: an ghairbheacht san t-at mór? Cheangail cleasaidhe garsúna stán ar earball asail Shéamais a chuir boirrche air: tháinig at n-a aghaidh agus is ar éigean d'fhéadfadh sé labhairt lé feirg. Lá boirrche go raibh crainn dhá stathadh as an dtalamh, slinn dhá fhuadach des na tighthibh, aibhnte ag scéitheachtaint

dob eadh é: lá fiadhain, fíochmhar. Ní tháinig aon bhoirrche riamh ar an leanbh san: níor fhás sé. Cuir díot an bhoirrche, a mhic: téidhir chun suaimhnis. Imtheóchaidh an bhoirrche seo sara fada: an drochuain oban, nó an bhuile oban.

bóithreán: *f.1.* an ceódh smúite a éirigheas de bhóthar in aimsir thirim nuair mhúsclann gluaisteán nó gaoth nó a lithéid é. Déanfaidh an duine sin bóithreán muna gcoisctear é: déanfaidh sé gleódh agus buairt. Bhíodh bóithreán an domhain fútha nuair bhíodh airgead aca: dheinidís suathadh pé áit dá ngaibhidís. Bhí aithne agam ar fhear go dtugaidís Seán bhóithreáin air.

bóithreóir: *f.3.* duine a thaisdealas cuid mhaith; duine a thugas mórán turus annso agus annsúd chun ruda éigin do shroicheamhaint. Dar fiadh bóithreóir maith do shiubhalóchadh sé míle gach lá as a chéile: coisidhe maith. Sin bóithreóir maith capaill agat: capall a sheasóchadh ar bhóthar fada. Arbhú indé bhí sé i dTráighlí, indé i gCill Orglan agus indiugh san Daingean, deir sé liom; nách maith an bóithreóir é: duine atá in ann taisdeal ó áit go háit go luath, is cuma connus.

bóithreóireacht: *b.3.* ag taisdeal mórchoda. Do mheil an bhóithreóireacht a chroidhe: do chlaoidh an síorthaisdeal é. B'fheárr dhuit stad den mbóithreóireacht agus aire do thabhairt dod ghnóth: den ngabháil tímcheall gan tairbhe agus luighe lé hobair. An té a bhíos tugtha don mbóithreóireacht fanann a ghnóth leis: an té gur minicighe é ag dul ar aontaighibh, i sochraidhibh, ar phóstaidheachaibh, ar ráiseannaibh agus mar sin ná ag obair bíonn a ghnóth gan déanamh. Ó chianibh bhís ag teacht liom anois táir im choinnibh, cad é an saghas bóithreóireachta í seo, ná fanfá ar an gcainnt agus ar an inntin chéadna? Fan ar an rud a chuiris rómhat, ná bí ag bóithreóireacht: ag seachmall. Budh mhór an bhóithreóireacht do fios d'fhagháil cá rabhas sa chathair: budh mhór ar fad na cúntaisidhe dob éigean do chur agus an eaga do chaith sé d'iarraidh me d'aimsiughadh. Tá cuma aosta ag teacht air – ní hiongadh cad dhéanfadh a bhfuil de bhóithreóireacht beirthe air: duadh agus cruadhtan ó bheith i gcómhnaidhe as baile ar chúram éigin.

bóithseach(án): *f.1.* duine bog, neamhanamamhail. Lé breis bídh is díomhaointis tá sé n-a bhóithseacháin: mór, feólmhar, bog. Dá bhfeictheá na bóithseacháin sa tigh ósda ghá bpálcadh féin lé biadh: na daoine móra, bolgacha, cothuighthe.

boladh: *f.1.* an tsians nó an céadfadh gurb í an tsrón an ball a thugas fé ndeara dhúinn é. Nílim deimhnightheach ar fad mar ná fuaireas ach boladh an scéil: éachtaint: grod-chúntas. Budh leór do boladh an scéil go mbeadh a fhios aige cad dhéanfadh sé: gaoth an fhocail a bheadh uaidh. Cuir do shúil den airgead so, ní bhfaighir oiread agus a bholadh: sásamh do shrón! Cad tá ar siubhal annso agaibh? gheibhim a bholadh: rud éigin fé cheilt. Nuair chuadhas isteach fuaireas boladh na húire ón seómra: boladh na huagha, an boladh san a thagas roim an mbás. Cú mhaith seadh í ag cur bolaidh girrfhiaidh: ghá leanamhaint ón mboladh fhágann sé. Cuir boladh na feóla san, an dóigh leat go bhfuil sí folláin: tásdáil léd shróin í. Nách bhfeiceann tú an cómhartha san ghá fhógairt gan aon earra d'fhágaint ar crochadh ann, tá do chasóg imthighthe anois, cuir a boladh: lean léd shróin í: tá fuar agat bheith d'iarraidh í do leanamhaint. Is breágh an boladh atá ós na bláthannaibh sin ón gcistin sin, ón bhfarraige: taithnigheann siad leis an sróin. Tá boladh

bréan ón madra lobhtha úd: ní thaithnigheann sé leis an sróin. Tá boladh (dóighte) ón gcíste; tá boladh (lobhtha, cabhruighthe) ón bhfeóil ach más boladh maith é cuirtear isteach an aidiacht i gcómhnaidhe: tá boladh breágh ón mbláth etc. "Á, a bhuachaill, ní boladh na gaoithe atá uait: boladh láidir an ólacháin.

boladhghail: *b.3.* ag fagháil nó ag cur bolaidh ruda; ag faire 'sag ganfhiosaidheacht. Ná bí ag boladhghail tímcheall orainne ní bhfaighir faic: ná bí n-ár dtímcheall-ne lé súil go bhfaighir aon rud. Ní maith liom an maistín madra san ag boladhghail tímcheall na leanbh, ar eagla go mbeireadh sé ortha: bheith n-a n-aice go minic. Chaith an spiaire leathbhliadhain sa tigh ag boladhghail ar na hógláchaibh: d'iarraidh a n-imtheachta do nochtadh lé gach saghas cleasa a's cúinse. "Cá bhfaigheann sé an deoch ar fad?" – "ag boladhghail ó thigh tábhairne go tigh tábhairne": ag dul ó cheann ceann ag tnúth lé daoinibh.

boladhthuighim: *b.a.* gheibhim boladh ruda, (fíoghardhacht) fiosruighim i ganfhios. Boladhthuighim gaoth aniar ann: tugaim fé ndeara dréir comharthaidhe go bhfuil sí ann. An mboladhthuighir aon rud mícheart sa tigh nách linn féin: an bhfuil aon amhras go bhfuil nó an dóigh leat dréir aon chómhartha soifheicseana go bhfuil sé ann? Boladhthuigheann an madra go bhfuil rud éigin lé n-itheadh annso: gheibheann sé boladh ruda éigin.

bolasc: *f.1.* aon rud mar clocha, cré nó gainimh do cuirtear ar thóin luinge chun í do cheartughadh in aghaidh iompuighthe. Tá an long i mbolasc. Chuir sé bolasc isteach: d'ól sé cuid mhaith.

bolcán: *f.1.* duine teann, téagartha gan bheith árd. Bolcáin chlainne bhí aca: íseal, láidir, sláinteamhail. Bolcán garsúin: deaghdhéanta. Bolcán gearrchaile, bolcán fir, bolcán mná.

bolg: *f.1* an ball san gcorp ón ucht síos go cromáin. Do chuir an lá tinneas n-a bholg, chall sé deich bpúint ar na ráiseannaibh: do ghoirtigh sé é. Greadadh id bholg, fan socair agus leig dom mo chuid oibre do dhéanamh: maisle ort, go n-éirighidh rud éigin duit. Bíonn daoine saidhbhre go maith dá mbolg mar bíonn caoi aca air: caitheann siad biadh agus deoch mhaith. Bhuaileas sa leathchluais é agus thugas a bholg anáirde: shíneas ar a dhrom é. Cois na farraige sa tsamhradh chidhfeá na céadta a's a mbolg anáirde: iad ghá ngrianadh féin. Ní thabharfainn bolg den bhfeóil a díoltar sa tsiopa san: ní íosfainn í. Is iomdha cor (lúb) i mbolg fir poilitidheachta: camasghal, clis ar eólas aige. Istigh i mbolg na luinge bhíonn na hinnill: i lár na luinge. Budh dhian an cluiche a bhí eadrainn, ach thugamair don dtaobh eile ar a dhá dtaobh a's ar a mbolg é, bhuadhamair lé trí báiridhe ortha: fuaireadar bualadh maith ná dearmhadfaid ar feadh tamaill. Nuair d'éirigh sé ón mbórd bhí a bholg ar a chúine aige: is air ná raibh ocras ná tart. Chuir sé cor coise fúm agus leag sé ar bholg an bhóthair me: i lár an bhóthair. Raighead ar mo laetheantaibh saoire isteach i mbolg na bliadhna: i lár na bliadhna. Bolg uisce agus talamh n-a thímcheall seadh loch: leirg uisce. Bíonn cochalóiridhe ó Shasana ag iascach san mbolg san ó thuaidh: san leirg fharraige (mar ar féidir claonadh na mara do thabhairt fé ndeara). Bolg an tsoláthair: mála nó mealbhóg n-a gcuirfí gach uile rud, ainm leabhair n-a mbailightí scéalta, eachtraidhe, dánta, orthaidhe, etc. ann. "Suidh agus ith" – "ní

shuidhfeadh, níl aon bholg agam d'aon nidh": níl aon ghoile agam. Bolg snámha: bíonn sé istigh in iasc mar bheadh lamhnán i muic chun gaoithe, dá chionn go snámhann éisceanna áirighthe agus iad marbh. Chuadar ar bholg na sráide lé chéile: chuadar ag troid os chomhair gach aonne. Bolgán béice: fás mar liathróid agus nuair thromuigheann sé deineann smúit de. Ná tóg aon cheann de níl ann ach bolgán béice: gan aon scabhárd nó tathnag acht oiread lé smúit. Builg seadh aicíd a thagas ar bhuaibh. Dheineas an-bholg ortha sa tigh sin: d'itheas agus d'ólas cuid mhaith. Ní gádh dhuit bolg do dhéanamh ar mo phíp: ní gádh dhuit tu féin do shásamh go hiomadamhail agus mise bheith siar dá chionn.

bolgach: *b.2.* galar go mbriseann builg bheaga nó cluig bheaga amach ar an gcroiceann leis. Tá rian na bolgaighe n-a aghaidh: garbh, neamhmhín de dheascaibh an ghalair sin.

bolgach: *a.* teann as bolg: clogtha. Fear bolgach ní gnáthach leis bheith lúthmhar: builg mhóir. Níl bhur gcoca bolgach a dhóthain chun an fhéir ar fad do chur ann: níl sé mór-chruinn go leór.

bolgadán: *f.1.* duine nó ainmhidhe go mbolg mór air. Stad, a bholgadáin, choidhche ní léimfeá an claidhe sin: a dhuine gan deallramh, toisc do mhéid.

bolgadh: *f.* (*-tha*) ag at, ag séideadh; at, séideadh. Tá ár seólta ag bolgadh leis an ngaoith: ag líonadh. Cad ithir, ar mh'anam go bhfuilir ag bolgadh?: ag séideadh, ag dul i méid tímcheall do bhuilg. Tuitfidh an falla san, tá sé ag bolgadh: ag imtheacht fiar. Tagann bolgadh sa bhfarraige lé gaoith aniar: atann sí. Nílir ag bolgadh leis an méid a ithir: nílir ag méadughadh ná ag at tímcheall do chuim.

bolgaim: (**bolguighim**) *b.a.* $_7$ *n-a.* átaim, séidim, borraim. Do bholg an fharraige ón ngaoith: chuaidh na tonntacha i méid. Bolgann (bolguigheann) an ghaoth na seólta: líonann siad amach lé cómhacht na gaoithe. Do bholg an claidhe ón uisce: do scéidh cuid de amach as a dhíreach ón gcuid eile, laistíos nó lastuas de. Bolguigheann lamhnán nuair cuirtear aer ann: atann sé, líonann sé amach, méaduigheann sé. Thugas fé ndeara a aghaidh bolgtha ó bheith ag ól (ó bhreóidhteacht): attha, séidte.

bolgaire: (**bolgairne**) ionann iad agus **bolgadán**.

bolgam: *f.1.* an oiread de dhigh agus raighead i mbéal duine d'aon iarracht. Ól bolgam uisce (bainne, etc.): lán bhéil. D'ól sé n-a bholgam is n-a bholgam: n-a bhraon anois agus n-a bhraon airís. Níor thugadar bolgam dom agus tart orm: aon bhraon in ao'chor. Is minic bhíonn bolgam caithte aige: oiread agus go dtabharfá fé ndeara air deoch mhearbhaill bheith thiar aige. Bíonn sé ag baint bolgaim as: ag ól ó am go ham. Is anamh bhaineann sé aon bholgam as: a ólann sé deoch mhearbhaill.

bolgshúil: *b.2.* súil éirighthe amach mar súil girrfhiaidh. Tá bolgshúilighe aige: tá a shúile mór agus amach go maith ón ngruadh. Nuair chualaidh sé gur bhuaidh sé míle púnt ar an scuaib do tháinig bolgshúilighe air: chuir an scéala an oiread san iongtais air gur éirigh na súile amach n-a cheann.

bolgshúileach: *a.* na súile bheith éirightheach thar mar is gnáth. Bíonn an girrfhiadh bolgshúileach. Ní hé ná go bhfuilir bolgshúileach go maith chun é d'fheicsint: na súile mór a ndóthain pé (má tá) máchail ortha.

bolla: *f.4.* liathróid déanta d'iarann nó de luaidhe nó d'adhmad. Mícheál na mbollaidhe, fear a ghaibheadh tímcheall aontaighe a's cruinnighthe eile, trí cipínidhe n-a seasamh aige, bolla lé liathradh ortha chun a leagtha. Chaitheas bolla cloiche leis: cloch chruinn, réidhaghthach.

bollóg: [**bullóg**] *b.2.* císte cruinn árd aráin. "In itheadh na bollóige atá a tásdáil" – seanrádh: is annsan bhíonn a fhios ag duine an olc nó maith í.

bolta: *f.4.* samh dorais, blúire soghluaiste adhmaid nó iarainn chun dorais do dhaingniughadh. Cuir an bolta ar an ndoras: daingnigh é lé bolta. Bíodh bolta ar bhur ndóirsibh: bíodh bhur ndóirse daingnighthe agaibh. Cuireadh an bolta orm: ní leigfí dhom dul isteach ná amach.

bómhar: *a.* fé chuid mhaith bólachta nó in ann bólachta do chothughadh. "Cnoc Bhréanainn bréidgheal bómhar" – P. Firtéar: go gcuid mhaith caorach is bó.

bonn: *f.1.* íochtar na coise, fotha tighe, tacaidheacht, crúb aon ainmhidhe. Capall go bhfuil bonn maith aige: capall ná tiocfadh bacaighe go ró-fhuraiste air. Nách leathan bonn atá fút: nách mór na cosa atá ort! Baineadh an bonn uaim ar an leac oidhir: shleamhnuigheas agus leagadh me. Beirt aca ag dréim lé chéile chun na háite d'fhagháil, ach bhain duine aca an bonn ón nduine eile lé gliocas: bhuaidh sé air lé gliocas. D'imreas cárta maith, ach bhain an cuireata an bonn uaidh: do bhuaidh sé air. Bhain an ghaoth dem bhonnaibh me: do leag an ghaoth me. B'olc an galar do bhí air gus budh mhaith an dochtúir a chuir ar a bhonnaibh airís é: a thug a shláinte dho. Ní raibh faic aige lé chúig bhliadhna gur chuir a dhreatháir ar a bhonnaibh sa tsiopa san é: chuir sé bun air, thóg sé ón mbochtnacht é. Ghléas sí í féin ó bhonn bathas in éadach iongtach: ó mhullach a cinn go talamh chuir sí éadach breágh uirthe féin. Deirim leat ná rabhas istigh liom féin agus piléir ag teacht orm bonn ar bhonn: go tiugh tapaidh i ndiaidh a chéile. Raighimíd amugha ar a chéile sa tsluagh mór daoine seo muna bhfanair lém bhonnaibh: go dlúth im fhochair. Thána isteach ar a bhonnaibh: ní túisce bhí sé istigh ná bhíos n-a dhiaidh. Chómh luath agus chonnaic an bacach an madra ag déanamh air thug sé dos na bonnaibh é: chuir sé dhe (d'imthigh sé) chomh mear agus d'fhéadfadh a chosa é d'iomchar. Cuir an scéal san féd bhonnaibh, ní taithneamhach an eachtraidhe é: ná luaidh lé haonne é. Leagadh an tigh go bonn: síos go fotha, go dtín gcloich íochtair. Tógadh ó bhonn me nuair chuala go rabhais sa charcar: baineadh preab rómhór asam. Do thóg lucht fiach ó bhonn me: do scrios lucht fiach me. Pé rud a thárlóchaidh bímís ar aon bhonn: bímís ar aon inntin, aon tuigsint, ar an mbóthar céadna. Fuar (fuaruigh) do bhuinn, táir cortha ó bheith ag siubhal ó mhaidean: leig do scíth. Níl aon bhonn leis an gcainnt go bhfuil an Iodáil agus an Fhrainnc ag dul chun cogaidh lé chéile: níl aon chiall, tuigsint, níl aon rud soifheicse gur féidir an tátal san do bhunughadh air. Baineadh an bonn ón líon chun an éisc do theanntughadh: tairngeadh chun a chéile é. Faigh do bhuinn ar an bhfaill: faigh greim do chos uirthe. Bead chughat láithreach bonn, bíodh foidhne agat: bead chughat

anois díreach. Ní bhfuaireas bonn riamh ag an loch san, tá sí chomh doimhin sin: níor buaileadh tón riamh aice. Táim fé bhonnaibh anois agaibh: táim in bhur gcómhacht, claoidhte agaibh. Fé bhonnaibh na ndaoine is minicighe bhíodh sé: an oiread san ólta aige go mbíodh sé ag tuiteam. Ní bhein fé bhonnaibh aonne faid fhágfadh Dia mo shláinte agam: ní leigfinn d'aonne gabháil lastuas díom nó ní bhein fé chomaoin ag aonne faid bhein in ann mo shlighe do dhéanamh. Téidhir i bhfolach annso, tá an tóir léd bhonnaibh: buailte leat. Fear ar a bhonn seadh é, is cuma liom cad deirtear n-a aghaidh: fear ceart intseasaimh. Ná stad go dtéidhir go bonn ar an scéal: go dtí go mbíonn eólas iomlán agat air. Ó bhí mo bhonn ar an mbóthar dubhart liom féin go dtabharfainn turus oraibh: ós rud é go rabhas ag taisdeal sa cheanntar. Níor thúisce ar an dtalamh é ná ar a bhonn airís: ní túisce leagtí (thuiteadh sé) é ná bhíodh sé n-a sheasamh. Cuirtear buinn fé bhrógaibh sa tigh sin: íochtair. Drochbhonn atá fén dtalamh san, ní bhíonn toraidhe maithe ann: níl cré thabhartha go maith.

bonn: *f.1.* blúire cruinn mianaigh, ór, airgead, prás, nó a lithéid. Foirb cómharthuighthe a ghuidheas airgead de; buailte air ghá chómharthughadh gur úirlis iomlaoide é; blúire cruinn mitil nó mianaigh agus dréacht nó gréis air: cuireann sé i gcuimhne ócáid nó teangbháil thábhachtach éigin. Tá an bonn tuistiúin (cheithre phingne) anghann anois. Fuaireas cheithre buinn leathchorónach mar mhion-airgead ar phúnt. Bhuaidh sé bonn óir ar óráididheacht: tugadh blúire cruinn óir dho mar chómhartha. Bonn airgid bháin seadh scilling; bonn práis seadh pingin.

bonnsach: *b.2.* slat fhada righin, (fíoghardhacht) cailín nó bean scafánta. Bainfead-sa bonnsach duit-se, a mhadra: gearrfad slat agus buailfead tú léi. An inghean is sine aice anois, tá sí n-a bonnsaigh áluinn: n-a cailín árd, dheaghdhathach. Bonnsacha ban dob eadh ár máithreacha: mná ceólmhara, deaghdheallraimh dob eadh iad.

bórach: *a.* cam-loirgneach, camshiubhalach. Thabharfá fé ndeara bórach é: go siubhalann sé neamhdhíreach. Budh dhual do bheith bórach: a chosa ó n-a ghlúinibh go hailt beith neamhchórach.

bóracháin: *f.1.* duine go mbíonn a loirgne cam. Ní bhein ag feitheamh leat, a bhóracháin: a dhuine nách féidir leat siubhal go córach ná go luath.

borb: *a.* géar, fíochmhar, mórtaiseach, dian, garbh, saidhbhir, toramhail, bolgach (tógáil). Nách borb an chainnt í sin do thabhairt do mhnaoi: míomhúinte, neamhfhearamhail. Ná labhair borb leis an leanbh nó cuirfir eagla air: fíochmhar neamhmhín. Bean bhorb seadh í, gcloiseann tú mar tá sí ag mallachtughadh?: bean ná fuil caoin n-a cuid cainnte ná n-a hiomchar. Duine an-bhorb seadh é, is beag an chúis gheóbhadh sé nuair thiocfadh fearg air: fear aibidh. Nách breágh borb atá coirce sa ghort san!: go flúirseach, toramhail, tiugh. Mo chomhairle dhuit fanacht cois teine indiugh, nílír an-láidir agus tá an lá an-bhorb: fiadhain, fuar. Is iomdha farraige bhorb do chuir an long san di: farraigidhe fiochmhara. Tá fuil bhorb ionat: tá dath andhearg ar do chneas nó tá fuil uasal ionat, nó is rófhuraiste fearg do chur ort. Carraig an-bhorb seadh í: tá sí an-ghéar, méiscreach. Féar borb ní maith é do chaoiribh: féar fada saidhbhir. Níl aon tor agam ar do dhícheall borb: ar an méid is féidir leat do dhéanamh léd thoil a's léd neart. Is mór an truagh go bhfuil teanga bhorb

aige: go labharann sé go neamhbhanamhail. Is buirbe an tinneas indiugh air ná indé: is déine an tinneas. Is buirbe an fhaill as a barra ná as a bun: is sia amach do sheasuigheann: is sia amach a scéimh ná a bun. Táim borb chun bídh: tá fonn trom bídh orm. Bhíodar borb chugham: bhíodar ar tí mo bhuailte, nó neamhcháirdeamhail.

borbacht: *f.3.* déine; fiadhantas; géire; mórthaiseacht (borbas). Lé borbacht (boirbeacht) an lae níor chorruigheas amach: fiadhantas an lae. Do ghoill borbacht an bhídh ortha: do bhí an biadh róshaidhbhir agus rinne sé breóidhte iad. Iomad borbachta atá ag teacht leat: an iomad láin (measa, mórtais) asat féin atá do chur siar. Ní múinte an rud borbacht chainnte: cainnt gan béasa, gan míonlacht. An féidir leat, a dhochtúir, borbacht an tinnis do mhaolughadh?: an pian mór do lagughadh.

borbaim: *b.a. 7 n-a.* (**borbuighim**) fásaim go tiugh, mar féar, coirce etc.; tagann fearg orm; éirigheann an fhuil ionam. Do bhorb sé chugham gan aon chúis: tháinig fearg air liom. Chomh luath is labhras leis do bhorb sé: d'éirigh sé chun feirge. Borbóchaidh an coirce leis an dtaisireacht so: raighidh sé i méid a's i saidhbhreas. Ní bhorbann an geimhreadh i gceart go dtí tréis na Nodlag: ní thagann an fuacht ná an ghéireacht cheart go dtí san. Ná borbuigh air, tá sé ag déanamh a dhíchill: ná bí ró-dhian air.

bórd: *f.1.* ball troscáin, slinn fhairsing as a uachtar agus cosa fé; clár; uachtar réidh; slinn; biadh. Drochbhórd atá sa tigh seo agaibh: droichbhiadh gheibheann sibh. Bí ar bórd!: isteach ar chlár na luinge, an bháid, ar an dtraen, ar an gcara sráide etc. leat, go mear. Cad tá ar bórd ag an luing sin?: cad é an last atá innte, - gual, nó adhmad nó cad? Aithnighim ort go bhfuil rud éigin ar bórd agat: ag déanamh mearbhaill duit, go bhfuilir ag machtnamh ar rud éigin, olc (nó maith). Bhuail sé airéir me, agus b'fhada ar bórd aige dhom é: is fada bhí a fhonn air é do dhéanamh liom. Éadach búird: éadach cláir: an t-éadach a scartar fés na háraistidhibh ar an mbórd. Suidhimís chun búird, ní foláir nó tá ocras oraibh: suidhimís chun ithte. Fear chun búird: an fear a bhíos n-a shuidhe ar an gceann is tábhachtaighe den bhórd. Chaith sé fiche bliadhain ar bórd luinge: n-a mháirnéalach. Ghaibh long ar a bórd ó thuaidh: ar a taca i gcoinnibh na gaoithe. Cá bhfuil tu ag dul? – táim ar mo bhórd 'on Daingean: ar an slighe chun an Daingin. Sin é an bórd bocht a bhíonn aca: an bórd gan biadh rómhaith. Cá bhfaigheann tú do bhórd?: do chuid bídh. Díolaim triocha scilling (deich fichead) as mo bhórd a's mo leabaidh: mo chuid bídh etc. Is tapaidh adubhairt sé liom, a bhuachaill, mo chuid airgid, má bhí sé agam, do chur ar an mbórd: í do theasbáint. An bórd os cionn: an bórd béil: taobh na gaoithe (na haimsire) den luing nó den mbád; an bórd fé, taobh na fothana.

bórd: *f.1.* scéimh, bruach, faobhar. Táim ar bórdaibh tosnuighthe ar an obair anois: ar tí etc. Ní mar a chéile na daoine a chómhnuigheas ar bhórdaibh na mara agus na daoine isteach fén ndúthaigh: na daoine ar feadh bhruach na mara. Gheóbhfá ar aon bhórd den loch san: ar aon taobh den loch san. Ar imeallbhórdaibh na farraige tá mo thigh: ar chiumhais na farraige: buailte léi. Cad é an bórd a thug sé air féin tréis an tighe seo d'fhágaint? cá taobh nó treo do ghaibh sé. Tá an talamh ar nós an bhúird: chomh réidh, slinn, socair lé bórd.

bórdach: *a.* flaitheamhail fé bhiadh. Is féidir linn do mhaoidheamh ach go háirighthe go rabhamair bórdach: go mbíodh biadh go flúirseach ar ár mbórd a's fáilte roim dhaoine é d'itheadh.

bórdáil: *b.3.* biadh agus lóistín i dtigh ar chostas áirighthe. Cá bhfuilir ag bórdáil? cá bhfaighir do chuid bídh agus do lóisdín? Bíonn mórán ag bórdáil ann sa tsamhradh: ag cur fútha agus ag itheadh ann.

bórdáil: *b.3.* ag gluaiseacht i gcoinnibh na gaoithe mar long ar chúrsaidhibh fiarsceó i slighe go mbíonn an ghaoth tamall ar thaobh na láimhe deise agus tamall eile ar thaobh na láimhe clé. Ag cur líonta ar bórd thug an long an mhaidean ar fad ag bórdáil d'iarraidh gabhála ó thuaidh: sall agus anall i gcoinnibh na gaoithe. Agus me im gharsún óg is minic tréis scoile shuidheas ar bharra na faille ag féachaint ar na hiascairidhibh ag bórdáil na líonta: dhá gcur ar bórd.

bórdálaim: *b.a. 7 n-a.* ithim is codlaim. Bórdálaim sa tigh so thíos: ithim agus codlaim ann. Cad air go mbórdálfá sa tseachtmhain me?: cad bhainfeá díom ar bhiadh is leabaidh agus freastal do thabhairt dom dréir na seachtmhaine.

bórdálaim: *b. n-a.* téidhim i gcoinnibh na gaoithe (mar bád) sall sanall fiar-sceó; téidhim ar bórd, nó cuirim ar bórd. Ní bhórdálfaidh an bád go rómhaith, tá an iomad anairte uirthe: ní ghluaisfidh sí cliathánach fiar-sceódhach sa ghaoith, tá breis seóil uirthe. Bhórdáil na gárdaidhe an long ar lorg gunnaidhe: chuadar ar bórd. Bórdálfam na líonta, na maididhe agus an seól go mbeidh gach aon rud réidh againn, má gheibhimíd amus iascaigh.

borradh: *f.* (*-tha*) at, méadughadh, treise; mórdháil; crónán; i mbláth. Is mór an borradh atá sa bhfarraige indiugh, tá borradh cois cloiche: at san bhfarraige: tá tonnaidheacha móra bolgtha ann agus í suaidhte. Táir ag borradh le bliadhain: ag dul i mbéid sag fás. Beidh ár dtráchtáil le tíorthaibh eile ag borradh feasda: beidh breis earraidhe againn dhá chur thar lear as so amach. Tá na barraidhe ag borradh leis an dteas so: táid ag méadughadh agus ag dul chun cinn. An uair úd do bhíos i mborradh m'óige do rithfinn, do rámhfainn, do shiubhalóchainn le haonne: nuair bhíos ar fheabhas nó ar aoirde m'óige etc. Bíonn cailín i mborradh si mbláth a hóige in aois a cúig bliadhan fichead di: bíonn sí ar an am san in aoirde a láin: níos feárr ná bheidh sí choidhche airís. Ná bí ag borradh chugham-sa, níl aon chúis agat orm: ná bíodh fearg ag teacht ort chugham. Connus tá borradh?: an fear mór, taithigeach, láidir. Ná bí ag borradh: mórdháil ag teacht ort.

borraim: *b. n-a.* ataim, téidhim i méid, bláthuighim, fásaim, téidhim chun cinn, déinim glór. Borrfaidh an biadh saidhbhir sin thu: atfaidh sé thú: beir mór, láidir dá bhárr. Do bhorr an bhó ón gclóbhar: d'at sí leis an méid d'ith sí. Níl cuma rómhaith ar an áit admhuighim ach borrfaidh sé leis an ngréin: bláthóchaidh sé: tiocfaidh cuma agus deallramh maith air. Borrann na leanbhaidhe i nganfhios do dhuine: fásann siad gan duine ghá thabhairt fé ndeara. Níl puinn dhá dhéanamh as iascach fé láthair ach borrfaidh sé fós: raighidh sé chun cinn. Borrann an abha in aimsir tuile: atann sí agus deineann sí glór agus fothrom.

borr-phus: *f.1.* pus éirighthe amach. Bíonn borr-phus ar bhallach: pus (íochtarach) níos mó ná mar is nádúrdha. Cad chuireann an borr-phus ort indiugh, a Shéamais?: cad chuireann mío-ghnaoi nó míchéadfadh ort?: míoshástacht.

borr-phusach: *a.* míoshásta, neamhcharadamhail. Tuige bheith chómh borr-phusach liom? cad n-a thaobh tú bheith chómh neamhmhuinnteardha: cad tá ag déanamh buartha dhuit?

borrtha: attha, i mbláth, fásta. Tá sé borrtha ag leann dubh: séidte, bolgtha, beathuighthe. Tá an féar, an gort, an fharraige, borrtha: éirighthe anáirde, méaduighthe. Duine borrtha seadh fé láthair agus labharfad leat nuair chiúnóchair: duine atá tógtha, go bhfuil fearg curtha air. Táir chomh haindeis lé corpán borrtha: tá oiread lútha ionat díreach agus bheadh i nduine marbh a bheadh attha lé faid a bháis.

borr-theas: *f.3.* teas beirbhthe. Ní fhéadfainn puinn oibre do dhéanamh leis an mborr-theas so: de chionn méid an teas agus an bhrothaill atá leis.

borr-thoradh: *f.1.* cuid mhór thoraidh, iomadamhlacht. Dúthaigh bhorr-thoraidh tugann sí cruithneacht, coirce, prátaidhe, agus gach aon bharra go toramhail. Tá borr-thoradh i ngach áit i mbliadhna buidheachas lé Dia: barraidhe toramhla.

borr-uisce: *f.4.* an t-uisce a scaipeas ar chladach nó ar ghainimh nuair bhriseann tonn air. Teich ón mborr-uisce sin nó fliuchfaidh sé thu.

bosca: *f.4.* árus chun rud do choimeád ann déanta d'aon adhbhar, carbad traen. Bosca snaoise: go gcoimeádar snaois ann. Bosca smearaidh: go gcoimeádtar smearadh bróg, cairte, nó eile ann. Bosca cairte: an cás iarainn sa roth go mbíonn an crann iomchair (nó an t-agastair) istigh ann. Bosca na faoisdine: an t-árus n-a suidheann an sagart ag éisteacht faoisdine dho. Táim ag innsint na fírinne chómh maith agus dá mbein i mbosca na faoisdine: ná bíodh amhras ort ná go bhfuilim ag innsint na fírinne gan aon rud do cheilt. D'imthigh an clár ded bhosca chun: ag dul rófhada ar nó ag dul ródhian ar aon rud. D'imthigh an clár dá bhosca (ag rinnce, ag ól, ag cainnt, ag troid, etc.) ar fad indiugh (anocht etc.): tá sé dulta anfhada air: níl aon chuimse leis. Féach an bosca atá ar a mhuineál: clog, nó at go mbeadh othar ann. Tá bosca tóna ag teacht air le feóil: tá sé ag dul i méid thar theórain tímcheall a thóna. Seadh, tá an bosca sa deireadh air: tá sé sa chómhrainn.

bóshleaidighe: *b.3.* rud inithte a fhásas ar charraigeachaibh mara.

bothán: *f.1.* tigh beag suarach; tigín cómhnaidhthe. Bothán ósda: tigh anairte go ndíoltar deoch ann. Caitheann sé an oidhche ins na bothánaibh: i dtighthibh na gcómharsan. Ins na bothánaibh do thugann sé a shaoghal: as baile gan aire aige ar a ghnó. "Níl aon bhothán mar do bhothán féin" – seanrádh: is cuma cad é an saghas tighe a bhíos agat, dá luighead é, is feárr é ná bheith ag brath ar thighthibh daoine eile dá fheabhas iad. Bothán cluthmhair atá agat: bothán te, tirim, seascair, deighbhídh. B'fhearr liom bothán súigh

agam féin ’ná bheith in éintigheas leat: b’fhearr bheith i mbothán salach liom féin ’ná im chómhnaidhe leat-sa.

bothánach: *a.* tugtha do bheith ag dul ó bhothán go bothán go díomhaoin. Ní maith an fear tighe duine bothánach: an té a bhíos an chuid is mó dá shaoghal ag dul ó thigh go tigh ní bail dá thigh féin é.

bothánaidhe: *f.4.* duine a bhíos ag dul ó thigh go tigh ar lorg na gcomharsan scéalta a’s ag comhchainnt.

bothántaidheacht: *b.3.* do thaithighe tighthe na gcómharsan ag déanamh cuideachtan, ag seanchaidheacht nó ar thóraidheacht nuadhachta. “Cá bhfuil an chuid eile den líon tighe seo?” – “táid ag bothántaidheacht”. Is beag an caitheamh aimsire bhíonn ag muinntir na tuaithe seachas bothántaidheacht: ag siubhal tighthe na gcómharsan ’sag réadóireacht.

bóthar: *f.1.* slighe, casán, bealach. Tabhair do bhóthar ort anois, léd thoil: imthigh (ar do shlighe) agus ná bac d’aonne eile, (fíogharadhacht) béasa, slighthe, cleasa. Cad iad na bóithre seo fút anois? ní maith liom an tslighe atá agat dhá chur agat rómhat: cad iad na slighthe (cama) so ar siubhal agat?: na geámaidhe, cleasa, lúbaireacht. Cuir uait na bóithre atá fút: stad den tslighe atáir ag caitheamh do bheatha agus tairng malairt chughat. Nílimíd ar an mbóthar gcéadna, agus ní dóigh liom go réidhteóchaimís choidhche, scaraimís: nílimíd ar aon inntin. An dóigh leat go bhfuilir ar an mbóthar ceart bheith ag tógaint mhuc in ionad beithidheach?: an bhfuil an rud is feárr dhuit dhá dhéanamh agat? An bhfuilir ar an mbóthar ceart ag réidhteach na ceiste sin?: ag cur chun í do réidhteach ar an gcuma so. Sid é an bóthar mór go B’l’Áth Cliath: an bóthar rianta. Tá an bóthar fada gan eólas gluaiste (triallta) aige: tá sé tréis bháis d’fhagháil. Cuir an bóthar díot faid bheidh an lá agat, mar ní maith an chuma atá ar an aimsir: imthigh go mear. Bímís ag cur an bhóthair dínn: ag gluaiseacht. Níor bhuail neach liom ar bhóthar ná ar chasán go raibh aithne agam air: in aon bhall. Ar bhóthar a’s ar chasán fear macánta seadh é: ar an tslighe, n-a mheón agus n-a bhaint lé daoinibh eile. Tréis mo dheich mbliadhnaibh ag obair dóibh go dúthrachtach thugadar an bóthar dom: chuireadar uatha me. Tabhair an bóthar don gcléireach san, ní fiú faic é: bris é. Fuaireas fiche púnt i gcóir an bhóthair: i gcóir mo thuruis-se. Dá bhfaighinn costas an bhóthair raghainn ag féachaint ar an imirt: an oiread airgid agus bheadh dóthanach dom chun díol as gach aon rud. Tigh ar thaobh bóthair seadh é: buailte leis an mbóthar. Thug an marcach an oidhche ag greadadh an bhóthair: ag gluaiseacht go mear. Gread an bóthar!: imthigh go déaghair. Tá turus fada romhainn bogaimís an bóthar: gluaisimís linn. Beiridh lón bóthair libh mar beidh sibh amuigh ar feadh an lae: tugaidh biadh bhur ndóthain libh. Gurb é do lón bóthair é! (drochghuidhe), deirtear lé duine a ghnidheas craos nó a shnapas biadh thar a cheart: “go marbhuighidh sé thu, nó gurb é do bhiadh deireannach ar an saoghal so é”. Ná cuir as mo bhóthar anois me, ná bí ag cainnt, mar cuireann sé isteach orm ghá dhéanamh so: ná cuir amugha me. D’aithnigheas ar na bóithre bhí fé lé bliadhain gur bh’é an príosún a dhán: ar na rudaidhe a bhí dhá dhéanamh aige. Níl aon rud chómh maith leis an mbóthar díreach: an mhacántacht. Rinne na ba bóithre tríd an gcoirce, na Gearmánaigh trí n-a namhaid, an teine tríd an dtigh: díobháil a’s réabadh. Bóithre gan ghádhtar dóibh dob eadh gadaidheacht a’s cúbláil: mhairfidís gan iad: imtheachta is gnóthaidhe míomhacánta.

Cómhartha báistighe seadh na bóithre sin sa bhfarraige: baill gheala mar aibhnte gan ghaoith, ach gaoth n-a dtímcheall. Ní thaithnigheann roth thosaigh an ghluaisteáin sin agat liom; tabhair aire dhi ná fágfaidh sí Tráighlí ar an mbóthar agat: éireóchaidh cinneamhaint agus ní shroichfir do thriall, nó moilleófar go mór.

bóthiomáint: *b.3.* bólacht do thiomáint mar déintí aimsir na gcreach, nó nuair cuirtí iad de thalamh a bhíodh canntálta. Ar bóthiomáint: ar dalladh: go mear, tapaidh, saotharach. Níl lá dá shaoghal ná caitheann sé ar bóthiomáint d'iarraidh airgid do dhéanamh: ag briseadh a chroidhe ag obair, gan sos: an oiread san fuadair fé, agus fonn air agus bheadh scata eallaigh dhá thiomáint go mear. Chonnac chugham ar bóthiomáint é: ag teacht go fuadarach, saothar a's deabhadh air. An dtéidheann aon lag ort ach ar bóthiomáint? an ndéinir faic go suaimhneasach, réidh? Cois na conntabharthach dho ar feadh na hoidhche ar bóthiomáint: ag cainnt go glórach, gan sos ar a theangain, ag ól a's ag scaothaireacht.

botún: *f.1.* scian bheárrtha (crúb) gabhan; mío-ádh; máchail de dhruim gan an rud ceart do dhéanamh; dearmhad nach féidir do leigheas. Rinnis do bhotún an lá cheannuighis an siopa san ná raibh trácht ná gnóth riamh ann: dearmhad nách féidir do leigheas choidhche. Sé an áit gur dhein an gadaidhe a bhotún gur fhág sé rian a mhéar ar an bhfuinneóig: mara mbeadh san ní béarfí choidhche air. "Cheileabhrais an cárta san, tá do lámh thuas, a bharránaigh!": "fóill! béaram! Ní lem thoil do chaitheas é ach lé botún": dearmhad. Is iomdha fear maith a rinne a bhotún gan choinne: dearmhad nó rud a thagas n-a choinne nó ná déineann maitheas do. Nách mithid dóibh bheith annso, ghealladar go mbeidís annso ar a deich, tá sé a dó dhéag anois. Tá súil agam nách aon bhotún d'éirigh dóibh: cinneamhaint, tionóisc nó clampar. Bíodh iontaoibh agat asam, ní gnáthach liom mo bhotún do dhéanamh: ní dhéinim aon rud a théidheas im choinnibh. Féach air sin de bhotún, an dubhach doirte agam: cinneamhaint neamhaire. Is annamh do rinne Eoghan Ruadh Ó Néill botún catha: dearmhad caillte catha. Sin lámh anthinn agat, cad é an botún d'éirigh di: an rud a dhein máchail di. Nách mór an botún an triúr aca do bhádh in aonfheacht: an mío-ádh. Fuaireas trí bhotúin ar leathanach amháin, ceann droichleitriughadh, ceann eile drochghramadach, agus an tríomhadh ceann easbhaidh focal.

botúnach: *a.* mío-ádhmharach, neamhaireach. Is botúnach a briseadh a chos, é do shleamhnughadh ar an úrlár: mío-ádhmharach; rud gan choinne leis. Duine botúnach dob eadh riamh é, rud éigin at tárlachaint do an uile lá: mío-ádhmharach.

botúnaidhe: *f.4.* duine a ghnídheas botúin de ghnáth; duine neamhaireach; duine mío-ádhmharach. Chaill sé a bheart an botúnaidhe bocht, tá truagh agam do: mío-ádhmharach. Ní leagfadh aonne an peictiúir sin ach botúnaidhe ceart: duine neamhaireach. Stracann sé a leabartha, doirteann sé dubhach air féin, cailleann sé a pheann, i gcomhnaidhe n-a bhotúnaidhe: n-a dhuine neamhaireach, fhaillightheach.

brabúch: *f.1.* tairbhe, tairbhe neamhchóir, sochar, rud éigin de bhreis ar an méid a bhíos ag teacht chun duine n-a thuarasdal nó n-a thuilleamh; locht. Ní haon bhrabúch duit do chuid do choigilt ar feadh bliadhna agus a chaitheamh in aon tseachtmhain amháin: ní haon tairbhe é. Ag obair dúinn i bhfochair a chéile bhíodh d'iarraidh brabúch d'fhagháil

orm, théidheadh sé amach ar feadh tamaill, thagadh sé isteach déidheannach agus d'iarradh sé orm roinnt dá chuid oibre do dhéanamh: a bhail féin ar mo chostas-sa. Dá fheabhas oibrighim do bhíonn sé ag fagháil brabúch orm: ag fagháil locht orm. Is iomdha brabúch atá ar mhúinteóireacht má tá sí deacair féin, laetheanta saoire fada agus tráthanna gearra: tairbhidhe do thagas uaithe. Ná bí d'iarraidh brabúch do bhreith orm, a bheith ag lorg orm tréis a dtugaim duit lém thoil: ná bí d'iarraidh rudaidhe d'fhagháil uaim go héagcórach thar do cheart. Bhíos ag breith brabúch ar an iomaire leis an gcéachda agus leagas í: ag dul ródhian uirthe chun breis chré do bhaint. Déin do dhícheall, ní bhfaighir aon bhrabúch orm-sa: bí ag faire orm chómh dian agus is féidir leat ach ní bhfaighir aon rud dem thairbhe-se.

brabúsaidhe: *f.4.* duine a bhíos d'iarraidh caoi d'fhagháil chun é féin do chur chun cinn, cuma díreach nó cam é, duine do bheith ag fagháil locht. Nách brabúsaidhe atá sé riamh: ag faire sag beartughadh, ag iompódh mara mbeadh a thairbhe chun é féin do chur chun cinn.

bráca: *f.4.* cliath; gléas a bhíodh ann chun lín do chíoradh, droichbhéas (mar an t-ól): clampar: cur siar. Cuirtear an bráca (an chliath) ar an ithir tréis a treabhtha chun na gcnapán do mhíniughadh. Tairngtí an líon tríd an mbráca (gléas go mbíodh fiacla air) chun é do chíoradh a's do shlámadh. Cad é an bráca a bhí ar a theangain nár labhair?: cad é an cosc a bhí uirthe? Bráca do dhuine bhocht seadh mórán clainne do chothughadh i mbaile mór mar a mbíonn air gach aon rud do cheannach: clampar, obair dhian, dhiacrach. Dob fhada Éire fé bhráca an bhróin: fé ualach an bhróin. Ní fuláir nó budh mhór é a bhráca a's a rádh ná suidhfeadh sé leathuairín: an deabhadh san deithneas. Chuir an t-ualach bráca ar an gcapall i gcoinnibh an aoird: duadh d'iarraidh é do thairng. Ní mór an bráca chuirfeadh sé ort dul treasna na sráide ar theachtaireacht dom: ní mór an duadh ná an cur siar ort é. A Dhé mhuise, mo thruagh é tá a dhóthain d'iomard air, bráca an óil: an mío-ádh a leanas an phóitireacht. Níl aon am agam anois fritheáilt ort, agus ná cuir aon bhráca breise orm: aon bhreis oibre a chuirfeadh duadh orm. Bráca breise orm: aon bhreis oibre a chuirfeadh duadh orm. Bráca seadh thu: duadh duit féin is do gach nduine eile. Beir fada air anois, agus ná bíodh aon bhráca ort: aon deabhadh thar ceart, ná suaidh tú féin, bí foidhneach. Níl aon bhráca sa tsaoghal air: tá sé ar a thoil. Nár chuiridh Dia aon bhráca cruaidh choidhche ort: nár chuiridh sé aon bhuairt mhór ort. Ar an ndeabhadh bhí air déarfainn go raibh bráca éigin air: go raibh rud éigin géibhineach air.

bráca: *f.4.* tigh mór, aindeis, tigh cómhnaidhthe saighdiúiridhe nó póilínidhe. Nách gránda an bráca tighe é sin: tigh mór neamhshlachtmhar.

brácáil: *f.3.* do chur bráca ar ithir; do choimheascar leis an saoghal, duadh. Bítear ag brácáil na hithreach nuair bhíonn sí cnapánach: ag cur an bhráca uirthe. "Connus taoi ag dul ar aghaidh?" – "ag brácáil leis an saoghal": d'iarraidh maireachtainte chómh maith agus is féidir liom. Aosta go maith dho anois, ach níor stad sé de bhrácáil fós: ag déanamh beagán oibre mar is féidir leis. Caithfimíd ár saoghal ag brácáil ar an gcuma so: do shíor ag saothar go duaibhseamhail agus gan aon atharughadh ar fheabhas ag teacht ar ár ndáil.

brácálaidhe: *f.4.* duine a bhíos ag coimheascar leis an saoghal, do shíor ag obair go neamhleisceamhail. "Ó, ambaiste, cuir uait, b'é ná raibh sé slachtmhar, ach brácálaidhe maith oibre dob eadh é": bhíodh sé i gcómhnaidhe ag gabháil di. Brácálaidhe ameasc leabhar seadh é: bíonn sé i gcómhnaidhe ag gabháil díobh.

bracamas: *f.1.* salachar; dríodar aimsire. Glan an bracamas so as an dtobar sara n-ólann aonne é: salachar. Ní sláinteamhail an bracamas aimsire seo: an aimsir fhliuch, shalach so gan ghrian gan ghealas.

brach: *f.* (ní díochlaontar) an t-othar thagas ar chúinidhibh na súl, bíonn sé ann go minic tréis na hoidhche. Níor imthigh an brach des na súilibh fós agat: nílir id dhúiseacht i gceart. "Ní fheicim an rud atá uaim in aon áit" – "chidhfeá dá mbainfeá an brach des na súilibh": dá bhféachthá go cruinn. Bainfead-sa an brach des na súilibh agat: osclóchadsa do sháile dhuit: muna mbír aireach cuirfead-sa rud éigin in iúil duit. Nuair chonnac cad do dhein sé, me d'eiteach tréis ar thugas riamh do, do bhain sé an brach des na súilibh agam: chuir sé in iúil dom go hoban agus gan choinne cad é an saghas duine a bhí i dtreis liom.

brachshúileach: *a.* salachshúileach, neamhghlaine súl. Níor mhaith liom féachaint róchruinn air, toisc é bheith brachshúileach: salachar buidhe bheith ar na súilibh aige.

bradach: *a.* tugtha do ghoid, míomhacánta, tugtha do bheith ag dul i bhfoghail (mar bó). Bó bhradach í: bó a bhíos ag dul i bhfoghail. Ná bíodh aon ghreim bradach agat den mbórd san: ná tóg aon bhiadh i nganfhios nó nách leat. Tá greim bradach ag an leanbh (deirtear so lé rud a éalóchadh sé i nganfhios; is deacair goid do thabhairt air). An bhfuil scilling bhradach agat in aon áit?: scilling bheadh duine d'iarraidh a cheilt a's gan a chaitheamh. "An íosfair an ghé, a Éamóinn?" arsa Seón, leis an seanduine san leabaidh – "íosfad mara bhfuil sí bradach", ars an seanduine: mun ar amhlaidh do goideadh í. Tá airgead aige, ach má seadh is go bradach é: is go míomhacánta do shroich sé é. Bhainis póg díom go bradach: gan choinne agam leis.

bradaidhe: *f.4.* duine nó ainmhidhe a bhíos tugtha do ghadaidheacht, gadaidhe, duine a bhíos d'iarraidh ruda do bhailiughadh chuige féin i nganfhios. Rugas ar an mbradaidhe agus é ag síneadh a láimhe chun mo chárta: d'iarraidh mo chárta do bhailiughadh chuige agus a cheann féin do chur ina ionad. Seachain é an bradaidhe: dhéanfadh sé mionghadaidheacht nuair gheóbhadh caoi air. Cé hé an bradaidhe a thóg mo leabhar?: a thóg é chun a áise féin ar feadh tamaill gan inntin a choimeádta. Fuair bradaidhe éigin amach cár chuireas mo sparán: duine éigin a bhíos ag síorchuardach i ndóigh go bhfaigheadh sé rud éigin ar bóiléagar. Bradaidhe ceart seadh an madra san: ní fhéadfá aon rud d'fhágaint gan cur i dtaisce ná beadh aige. Bradaidhe bó, bradaidhe capaill: bó nó capall ná fanfadh ar a chuid féin.

bradaidheacht: *b.3.* gadaidheacht; dúil chun dul ar sheilbh dhuine eile; bailiughadh neamhdhleaghthach chun duine féin; gadaidheacht sprionnlaithe. Chuaidh do bhó ag bradaidheacht ar mo chuid coirce: chuaidh sí ann i nganfhios agus gan call aice leis (b'fhéidir). Deinimís bradaidheacht ar an seómra so: níl aonne ag faire agus tógaimís

nidhthe as. Budh ghránda an bhradaidheacht dho na spíonóga do chur n-a phóca faid bhí bean an tighe ag fagháil bídh do: gadaidheacht sprionnlaithe a shaoil sé ná tabharfadh aonne fé ndeara. Leis na ciantaibh tá sé ag bradaidheacht san oifig gan aonne ghá thabhairt fé ndeara: ag cúbláil sag bailiughadh chuige féin agus d'iarraidh é do dhéanamh i nganfhios. Ní raibh riamh aca ach an bhradaidheacht: cuid na ndaoine eile. Ós rud é go bhfuil ár máthair amuigh téidhimís ag bradaidheacht ar an gcófra: d'fhéachaint an bhfaighimís aon rud ann a thaithneóchadh linn.

bradán: *f.1.* iasc mór go mbíonn an biadh air dearg-ruadh, tamall do sa bhfarraige, tamall ar aibhntibh mar a scéidheann sé, anmhaith lé n-itheadh, an-dheacair d'iascadh le slait, soghlaist seadh é. Bradán feárnan, iasc mór síogach, gann, is minic a chídhtear é roim atharughadh aimsire (ar olcas) agus scataidhe muc mara dhá thóraidheacht. Is breágh an radharc é ar an gcuma so, éirigheann sé go hárd as an uisce de gach léim. Bradán crúibe (capaill, asail, correich, ráineich), an t-árdán leóchaileach i lár na crúibe. Tá cloch i mbradán an chapaill: sé sin nuair théidheann cloch ceangailte idir an gcrúdh agus an bradán agus bíonn bacach dá dheascaibh. Bradán na beatha: an chuid is mó scabhárd den mbiadh. Is í an mhairtfheóil bradán na beatha: an rud is fearr ag dul i mbolg dhuine.

bradghail: *b.3.* bradaidheacht (feic sin)

brágha: *b.5.* (**brághaid**) an chuid den nduine nó d'ainmhidhe idir an ceann agus an corp agus a cheanglas iad, an chuid tosaigh den mhuineál mar a bhfuil an píobán agus an scórnach. Do chaith an bhean slabhradh óir fé n-a bhrághaid: tímcheall a muiníl. Ná fág do bhrágha (brághaid an tuiseal tabharthach in ionad an tuisil ainmnigh, cuir i gcás, binn-beann; aimsir-aimsear, etc.) leis (ris): ná fág do bhrollach nochtuighthe. Ná tairng chughat an scéal san id bhéal ná id bhrághaid: ná labhair air, ná machtnuigh ar le haonne. Ní bhíonn n-a bhéal a's n-a bhrághaid aige ach tu: bíonn sé do shíor ag cainnt ort. Táir i mbéal a's i mbrághaid na dúthaighe ó shaorais an fear úd ó bhádhadh: tá gach aonne ag cainnt ort (lét fheabhas). Ná bíodh aon bhaint agat leis an mbitheamhnach san – chuirfeadh sé i mbéal 'si mbrághaid an phobail thu: bheadh gach aonne ag trácht ort agus ní dhéanfadh sé bail duit. Brágha(id) an tighe: ghaibh sé thar brágha an tighe gan fiú féachaint: thar bhéal an tighe, ucht an tighe. Tabhair do bhrágha(id) don aimsir: tabhair aghaidh uirthe. Bí fém bhrághaid ag stad na traenach: bí ann chun buailte liom nuair thagann an traen isteach. Raighead ag obair thar do bhrághaid ag cainnt leis, ó tá breis aithne agam air: raighead it ionad. Chuadar amach ar an mbóthar fé bhrághaid a mharbhtha: lé hinntin é do mharbhadh. Thána fé bhrághaid bídh: lé súil go bhfaighinn biadh. Chuir an cúrsa ar fad fé n-a mbrághaid: an scéal ar fad os a gcómhair, fé n-a moladh. Fág fém bhrághaid-se an scéal: fág fúm-sa é do réidhteacht nó moladh do dhéanamh air. Chuir sé nimh fé bhrághaid na sionnach: do chuir sé nimh in áit go ngeóbhadh na madraidhe ruadha ar a dtrialltaibh. Bead déidheanach ag teacht abhaile dhom anocht, fág biadh fém bhrághaid: im chóir. Brághaid an mhuiníl (caol); luigheann muinche ar bhrághaid an mhuiníl. Brághaid na coise (caol): drom na coise os chionn an bhuinn, idir an tsál agus an chuid thosaigh. Brann ragha brághad: an cnámh brollaigh. Briseadh brann ragha a bhrághad: a chnámh bhrollaigh. Scórnaghal brághad: áidhbhéis, mórán cainnte. Scórnaghal bhrághad ar fad bhíonn agat: ag cainnt go háidhbhéiseach agus go glórach. Is iongtach an scórnaghal bhrághad atá agat: is mór go léir an méid

cainnte atá agat gan aon tuirse do theacht ort. Seo lasán dhuit, druid fé n-a bhrághaid: i slighe agus gur féidir leat breith air. Tá an bás fé bhrághaid gach aonne: ag feitheamh lé. Bhuailis an bob an turus-so orm, ach bead-sa féd bhrághaid, a bhuachaill: bead-sa ag faire chun caoi sásaimh do bheith agam. Suidh ar mo bhrághaid: ar mo bhéalaibh, rómham amach.

braighdín: *f.4.* an snáithín olna nó cnáibe nó a mhalairt a cuirtear ag crochadh lín lé n-a théid.

braighdeanas: *f.1.* cimeacha, bheith i gcarcar nó i bpríosún, smacht. Scaoileadh as braighdeanas é: scaoileadh saor é. Budh dhian an braighdeanas a bhí air ná faigheadh sé ach aon bhiadh amháin so ló agus sé huaire chluig déag: an chimeachadh. Is fada d'Éirinn i mbraighdeanas: n-a chime, fé smacht. Ní bhein fé braighdeanas ag aonne: fé smacht, fé riar.

bráighe: *f.4.* "príosúnach". Do dhein na póilínidhe bráighe díom: thógadar im "phríosúnach" me. Fiche bliadhain n-a bhráighe dho: n-a chime: i gcarcar.

braimileóg: *b.2.* duine mór tútach, aindeis. Beir id bhraimileóig lé feoil: mór, aindeis, neamhlúthmhar. Tá braimileóg ag déanamh díot: táir ag éirghe aindeis neamhthapaidh le feóil. Fág mo shlighe a bhraimileóg!: a dhuine gan tapa, gan lúth.

brainnse: *f.4.* géag crainn; slighe chun ruda do dhéanamh; roinnt léighinn; cleasa, geámaidhe. Gearraidh brainnsidhe an chrainn sin táid ag bualadh ar cheann an tighe: na géaga. Cad é an brainnse atá agat chun é seo do dhéanamh? cad é an tslighe? Brainnse den léighean sa choláiste seo seadh eolaidheacht: cuid de. Caithfir brainnse éigin eile do tharang chughat chun do slighe bheatha thuilleamh: cuma éigin eile. Níl aon rud go gcuimhneófá air ná gur labhair sé air, fear mór brainnsidhe seadh é: is beag adhbhar cainnte ná go mbeadh rud éigin lé rádh aige air. Táim ag faire ort anois le huair an chluig, ní fhéadfainn a dhéanamh amach cad tá ar t'aigne, tá brainnsidhe aite fút: cleasa, geámaidhe, imtheachta ná tuigim. Tá brainnsidhe an domhain aige: tá mórán nidhthe ar siubhal aige.

braithidhe: *f.4.* duine a bhíos ag tnúth; scraiste nó scaoinse a bhíos ag faire ar chaoi, duine fuardhíomhaoin. Níl aon ghnóth againn de bhraithidhe sa chuideachtain seo: de dhuine atá ag faire cad gheóbhadh sé gan faic do thabhairt uaidh. Ag imtheacht n-a bhraithidhe ó thigh go tigh: díomhaoin, sag faire cá bhfaigheadh sé rud (biadh etc.) gan duadh ná costas do chur air féin.

braithim: *b.a. 7 b. n-a.* measaim; saoilim; tá súil agam lé; tugaim fé ndeara; tógaim ceann de; tásdálaim. Braithim ar an slighe tá an ghaoth go mbeidh an lá go maith: measaim. Do bhraitheas im aigne ar an ndath mílítheach atá ort ná rabhais ar fóghnamh: shaoileas san. Braithfir ar a chuid cainnte cé leis go dtabhóchaidh sé: aithneóchair é. Na trí bliadhna do chaithis tar lear bhraitheas uaim thu: do ghoill sé orm do cheal orm. Braitheann sé feabhas air féin; tuigtear do dréir a mhairge: mothuigheann sé mar sin. Más féidir leat an t-airgead d'fhagháil ó aonne eile seachas uaimse, ná braith orm: déin do dhícheall ar é

d'fhagháil sara dtagair ag triall orm-sa. Ní bhraithfeadh aonne ort go raibh léighean ort: ní thuigfeadh aonne ar do chuid cainnte ná ar t'imtheachtaibh go raibh etc. Ní bhraithim ar fóghnamh, is dóigh liom go luighfead: ní mhothuighim im shláinte etc. "Braith an abha sara dtéighir n-a cuilithe": féach an bhfuil sí conntabharthach sara dtéighir n-a lár: scrúduigh go maith cad tá fút do dhéanamh sara dtéighir ceangailte ann ar eagla gur thinn duit.

braithlín: *4.* (**bairlín**) blúire mór, fairsing línéadaigh nó éadaigh cadáis a leathtar ar leabaidh. Luigh fén mbraithlín: téidhir a chodladh. Cuireadh braithlín seóil fén mbád: seol mór fairsing. Níl aon déanamh ar do chasóig, tá sí mar bheadh braithlín: mór, flúirseach.

bráithreachas: *f.1.* dáil bheith mar bhráithre ge chéile; cumann muinnteardha fear; an saghas céadna daoine. Is deacair teacht eadrainn mar is mór é ár mbráithreachas: muinnteardhas lé chéile. Tá báidh bhráithreachais agam leis, dhéanfainn cuid mhaith ar a shon: mothúilt cháirdeamhail. Baineann an bheirt sin leis an mbráithreachas céadna: leis an gcumann gcéadna.

braithstint: *b.2.* móthúilt, mothughadh. Lá dian orm dob eadh é, ach ní raibh aon bhraithstint agam air: níor mhothuigheas é, níor chuireas aon tsuim n-a dhéine. Nuair bhí an tsnáthad n-a chuislinn ag an ndochtúir d'fhiafruigh sé dhe an raibh aon bhraithstint aige uirthe?: aon mhothúilt; ar ghoirtigh sí é. Súil anthinn seadh í, ní fuláir nó táir ghá braithstint go mór?: go gcuireann sí pian ort. Níl aon bhraithstint ar an aois fós agam gidh go bhfuilim cheithre fichid: níl an t-aos ag cur orm. "Connus taoi indiugh?" – "táim ag braithstint go maith": níl tinneas ná diachair orm. Thug an dochtúir tamall maith ghom bhraithstint sara bhfuair sé amach cad é an cheasnaidhe a bhí orm: ghom scrúdughadh, ag cur féachadh (dochtúra) orm. Dá mbeadh aon bhraithstint ionat ní fhuilngeófá lé tarcuisne mar sin: aon mhothúilt: gur féidir tú do chorraighe chun caise. Níor ghoill bás a athar air mar ghoill ar an gcuid eile den gclainn; níl an bhraithstint chéadna in ao'chor aige: níl sé chomh furaiste buairt do dhul n-a luighe air. Tá an bhraithstint chéadna d'Éirinn againn: cómhghoilleann cúrsaidhe na tíre orainn.

braithteach: *a. 1.* aireach, *2.* mothuightheach, *3.* cúramach. *1.* Éanlaithe braithteacha seadh géanna fiadhaine, ní luighid ach in áit gur deacair iad do shroichstint (le hurchar) agus bíonn ceann aca ag faire do shíor agus cloiseann siad glór dá luighead. Siubhaluigh go héadtrom, tá an madra an-bhraithteach agus dá gcloiseadh sé sinn do sceamhfadh sé. *2.* Chomh luath agus theangbhuidh an tsnáthad leis léim sé, tá sé chómh braithteach san. Is iongtach nár chualaidh sé me nuair chnagas, mar tá sé braithteach, ní fuláir nó bhí codladh trom air: anmhothalach. *3.* Bí braithteach ag siubhal san áit bhog san: bí cúramach. Bí braithteach i dtaobh do chuid airgid, ná caith ach mar is éigean duit: bí cúramach n-a thaobh, ná scaip ar míriar é. Duine braithteach sa doircheacht: in ann a chosa do chur fé in áit shábhálta.

bramaire: *f.4.* (fir, mná, buachalla) *1.* duine a bhíos mustarach, teasbánach, duine blomach, *2.* duine nó ainmhidhe mór láidir. Bramairidhe fear seadh a clann anois: fir láidre mustaracha. Bíonn sé ag imtheacht ó bhall go ball n-a bhramaire: go teasbánach,

agus ní beag aige é féin. Sin bramaire capaill agat, féach an t-ualach do thairngeann sé: láidir, teann.

bramsach: *b.2.* cailín árd, scafánta, deaghdhathach. Is ait liom cad do chuir drochshláinte ar bhramsaigh mar í: cailín chómh sláinteamhail, córach léi.

branar: *f.1.* talamh treabhtha gan síol do bheith curtha ann, an chré dhearg, uachtar na talmhan briste dearg; rómhar no réidhteach chun curtha. Tá branar dhá dhéanamh aige leis an seisrigh: ag iompódh uachtar na talmhan an béal fé lé haghaidh a curtha. Tá an fhaill n-a branair: briste, ag tuiteam, dath dearg uirthe. "Na branair": faillteacha ar shlios Chnuic Bhréanainn atá dearg ó bheith ag tuiteam do shíor. Fágadh an gort n-a bhranair: n-a ithear gan síol do chur i dtalamh. "An goirtín branair do rinneas dom féin": an goirtín do threabhas nó do rómharas. Ar an bhfuadar oibre atá fút déanfair branar!: saothar mór. Lucht mór branair seadh iad: síor-obair dóibh. Do rinneas branar ar an leabhar so indiugh: cuid mhaith dhe do dhéanamh.

brannda: *f.4.* bonn cloiche in aon lic amháin fé uisce éadtrom. Bhuail an bád a srón sa bhrannda: ar an gcarraig réidh-uachtair (fé uisce). *Iolraidh:* na branndaidhe [do chuala an ainm seo ó sheanmhnaoi ar áit i mBinn Éadair]

brannra: *f.4.* taca iarainn; seastán nó teannta; fráma iarainn trí gcos chun pota do chur air. Bíonn císte n-a sheasamh i gcoinnibh brannra ag bácáil. Cuirtear brannra sa teine agus corcán nó pota air.

braon: *f.1.* beagán d'aon tsaghas leanna, déanamh cruinn air amhail a's mar bheadh ar tí tuiteam; deoir; othar as chneadh. Tá braonaidheacha báistighe ann: braonaidheacha an-éadtrom. Chuir an obair braon alluis orm bhí sí chomh dian san: beagán alluis. An dóigh leat go bhfuil braon ar na scamallaibh sin?: go ndéanfaidh sé báisteach chughainn? An dtógfá braon?: beagán de dhigh mhearbhaill. Níor bhuail sé riamh ar an mbaile liom ná beadh braon sa tsúil aige: ná beadh rian na dighe bheith caithte aige air. Ar feadh an lae bhí braon sa tsúil aige: níor shos sé de bháistigh ná raibh róthrom. Chuaidh dealg im chois agus rinne sí braon: tháinig othar innte. Ní maith é braon anuas i dtigh: an bháisteach bheith ag teacht trí cheann an tighe. Braon aníos ins an úrlár: uisce bheith ag fúscadh thríd. Thóg sé braon ar bórd: d'ól sé deocha mearbhaill. D'aithneófá air go raibh braon caithte (thiar) aige: go raibh deoch mheisceamhail ólta aige. Thóg an bád braon ar bórd: tháinig beagán sáile isteach innte. Ó bhraon go braon do chuireann daoine ar meisce: ag ól go mion agus go minic. Bhí an braon ceart san bPiarsach: an fhuil cheart dhúthamhail. Níl an braon ar fad san gcapall: ní capall lán folaidheachta é. Leig braon (luaidhe) ar an chluais an tualáin: braon táithighthe. Chuireas an bád, an tigh, an bhróg ó bhraon: dheisigheas i slighe agus go raibh sí díonuisce. Bíodh braon dighe againn: braon de dhigh mheisceamhail. Níl aon bhraon oraibh: tá sibh go seascair. Ní dhéanfainn aon amhras díot, cad dhéanfadh an braon fola: budh shoiléir go ndéanfá an rud ceart mar tá an mianach ceart ionat. Do bhraith sé a chomrádaidhthe, bhí an drochbhraon ann: budh dhual do bheith mar sin. Ní dearmhadfad an lá úd go scaraidh an braon lém shúil: go bhfaighead bás. Leig an dochtúir an braon as an gcois: scaoil sé amach le lannsa. Braon fóghanta seadh an beathuisce sin: deoch anmhaith. Thuit braon air ar an aonach agus níor

fhéad sé meabhrughadh abhaile: d'ól sé an iomad gan choinne aige go ndéanfadh sé bascadh dho: d'éaluigh braon air. Ná héaluigheadh an braon ort: seachain tú féin ar dhigh mhearbhaill. Ní díoltar ach braonaidheacha anois seachas cheana, mar tá sé ródhaor: beagán i gcompráid leis an méid a díoltí nuair bhí an deoch saor. "A súil budh ghlaise, mar bhraon drúchta ar bhárr an fhéir": deóir, drúichtín.

braonach: *a.* drúchtamhail; ag silleadh; báisteamhail; deórach; brónach. Oidhche bhraonach do dhéanfaidh sí: fliuch. Cos thinn bhraonach seadh go dteastuigheann aire uaithe: othar ag silleadh aiste. B'fhuraist aithint dhom go raibh buairt air, mar bhí a shúil braonach: fliuch ó dheóraibh. Shiubhaluigheas an domhan braonach de: brónach. Ní fheadar an domhan bhraonach cá bhfuil an áit: níl eolas ar bith agam air. Lá braonach, maidean bhraonach, uain bhraonach: bogfhliuch. Déanfaidh sé lá braonach agaibh, a fheara: lá óil. Fear braonach: fear óil.

braonán: *f.1.* braon beag. Bíodh braonán agaibh ormsa: ólaidh beagán ormsa. Scaoil braonán luaidhe leachta ar an gcorcán briste: braon beag.

braonghail: *b.3.* do theacht i mbraonaibh mar mionbháisteach. "An bhfuil báisteach ann?" – "tá braonghail ann": spréachghail. Tá braonghail ar siubhal ag an gconntabhairt, druid linn: deoch cuibheasach flúirseach. Braonghail leanna duibh: leann dubh bheith ar siubhal go measardha. Is maith an rud braonghail bháistighe don bhféar in aimsir thirim mar í seo: báisteach nách mbíonn trom. Déarfainn ar mhire a shúl go bhfuil braonghail caithte aige: deoch lé meónaidheacht.

brat: *f.1.* clóca, manta, fallaing, an ball éadaigh lasmuigh is ionchurtha i leath-taoibh; *2.* clúmh (éan), coirt crann, scim ar an súil; *3.* éadach, clúdach; bratach; eisléine. Cuir ort do bhrat: do chasóg mhór, bháistighe, nó cosaint éigin ón sín. Cuir brat éigin ar do cheann agus ná bíodh sé leis mar sin: hata, caipín, nó a lithéid. Ní raibh aon chlúdach agam lé cur ar mo cheann agus chasas seanphaca mar bhrat air. Is éadtrom an brat snámha é sin ort: an t-éadach. Cheannuigh sí brat breágh ar phúnt Dé Sathairn: binn nó "seál". Bhíodh brait síoda ar "Thomás an tSíoda": éadaighe. Níor mhór duit brat maith i bhfuacht an Mhárta: budh ghádh dhuit éadach cluthmhair chun do chosanta. Cuir féd bhrat an beartán so, ná feiceadh aonne: cuir fé chlúid do chod éadaigh: casóg mhór, nó binn (mhná) é. Cuir brat ar an arán nó laitfidh na luchaidh é: clúdach cosanta. Tóg féd bhrat me ón nduine sin, tá sé ar mo thí, tá eagla agam roimis: cuir féd choimirce me. Ní fuláir nó tá duine éigin léi tréis bháis, tá bratacha bróin uirthe: éadaighe dubha, éagcaointe. Triomuigh t'aghaidh leis an mbrat láimhe sin: éadach cimealtha agus triomuighthe. Thuit brat mór sneachtaidh airéir: oiread sneachtaidh a's go raibh an talamh clúduighthe go trom leis. Níl brat na leapan so trom a dhóthain dom oidhche fhuar mar í seo: ná súsaidhe etc. Árduigh brat na fuinneóige agus scaoil isteach an solas: an clúdach. Déintear na brait úrláir seo in Éirinn: na clúdaigh fighte. Budh bhreágh leat siubhal amach i moch na maidne nuair bhíonn brat drúchta ar an dtalamh: oiread a's do fhliuchfadh thu. Talamh maith é sin, bíonn brat féir air: féar trom tiugh. Ní díon atá ar do thigh agat ach brat: cuid is mó ná mar is gádh. Glan do bhróga, tá brat salachair ortha: mórchuid. Ná bíodh aon truagh dho, tá brat airgid aige: neart airgid. Ní fheicfeá oileán ná carraig leis an mbrat cheóidh do thuit: tiughas agus tromas ceóidh. Ní gádh dhuit aon bhrat do chur ar do ghníomh, ní h-aon náire dhuit é: é

do cheilt. Cas brat ar do cheann ná cloiseadh aonne ag cainnt thu: bí ciúin. Cuir an brat ar an mbórd i gcóir an bhídh: an t-éadach cláir. Tá iasc n-a bhrat sa loch san: go hiomadamhail. Tháinig sé fé bhrat dubh na hoidhche: doircheadas na hoidhche. Do bhris brat grís amach trí n-a ladharachaibh: tháinig gríos i ngach áit. Má chuirir brat aoiligh ar do gharradha beidh barra toramhail agat: aoileach trom. Níor bhearraidh sé é féin faid bhí sé i mbraighdeanas agus d'fhás brat féasóige síos go hucht air: féasóg thiugh, fhada. Bhuail sé lé cloich sa tsrón me, agus chuir sé brat fola orm: fuil n-a slaodaibh! Cuireann an fear san brat salainn ar a chuid feóla, ní fuláir nó tá dúil i nguirteamas aige: breis agus an ceart. "Ní hualach do dhuine a bhrat": ní haon chiotaighe do dhuine casóg mhór, nó scáthadán nó a lithéid do bhreith leis ar aistear, dá fheabhas bheadh an aimsir. Is eagal liom go bhfuil rud éigin bun-os-cionn ar an mbád úd, tá brat éigin anáirde aice: saghas éigin éadaigh i bhfeirm cómhartha, ghá dheimhniughadh go bhfuil rud éigin ar míriar. Nách bhfuil aon bhrat ort ach mar sin? deirtear le duine a thagas gan chasóig nó gan bhinn. Ón lá hárduigheadh brat na hÉireann níor ísligheadh é: éadach ar mheirg go mbíonn cómharthaidhthe nó fioghara air chun dúthamhlachta nó náisiúntachta do dhealughadh ó n-a chéile.

bráth: *f.3. 7 1. 1.* deó, fíordheireadh an tsaoghail, choidhche. Go bráth ní fhéadfainn rith chómh luath lé coin: go deo, choidhche, in ao'chor: ní bheadh aon dul agam air. Go bráth bráth dá mbein ag cainnt leat ní atharófá: mar a chéile bheithfeá i gcómhnaidhe. Ní chreidfinn gur éirigh an t-oileán so aníos as an uisce: tá sé mar sin ó thúis an tsaoghail agus beidh go bráth na breithe: lá na breithe, lá an luain, lá an tsléibhe, an lá séidfear an stoc. Nuair bhíonn androchlá nó oidhche ann, mar atá stoirm thar cailc, deirtear "sé lá an bhráith é", ghá chur in iúil go bhfuil sé chómh scannruightheach agus bheidh lá na breithe. "As go bráth liom ag glaodhach ar lucht na teine nuair chonnac an tigh fé bharr lasrach: d'imthigheas chómh tapaidh is b'fhéidir é. Go dtugaidh Dia saorbhreitheamhnas orainn go léir lá an bhráith: an lá deireannach. Go bruinne an bhráith (brátha) bead dílis duit: choidhche ní atharóchadh mo chion ort. Go bráth ní phósfainn bean ghruamdha: ní bheadh aon dul go bpósfainn í.

brath: *f. 3. 7 1. 1.* spiaireacht, feall, do réabadh lé camasghal nó mídhílseacht, *2.* rún do nochtadh, dúmas do dhéanamh ar rud gan choinne, *3.* cuardach, *4.* scrúdughadh agus infhiúchadh ar áit; muinghin, súil. Ag brath na ndaoine riamh do bhíodh sé agus é ag leigeant air go raibh sé ar a dtaobh: ag fealladh ortha. D'aithnigheas air go raibh sé ghom bhrath nuair chonnac ag bladar lém namhaid é: ag spiaireacht orm. Tréis a rádh leis an namhaid cá mb'fhéidir breith orainn agus airgid do thógaint as sin do bhrath ar an gcuma so, thagadh sé in ár gcuideachtain: sinn do thréigean go neamhdhílis. Is beag an choinne a bhí agam go raibh fear mo bhraithte im chuibhrean: go raibh im chuideachtain ag itheadh agus ag ól liom, an fear a réab gach muinghin le feall agus camasghail. Thugas an lá ag brath ort go dtiocfá mar gheallais, ach níor tháinighis: ag súil go dtiocfá, muinghin agam asat ná teipfeá. Nuair bhíonn duine aosta rud nádúrdha dho seadh bheith ag brath ar a chlainn chun a chothuighthe: ag súil agus ag muinghin. Is mithid bheith ag brath ar dhul abhaile tá sé meádhon oidhche: bheith ar tí nó chun dulta. Sin tigh atá ag brath ar thuiteam: go bhfuil cosamhlacht mhór air go dtuitfidh sé. Dar mo bhaiste, a chara, táir ag brath ar bhás d'fhagháil: tá cuma an bháis ort. Ná bí ag brath ormsa ar maidin: ná déin deimhin de go dtiocfad ar maidin. Ag brath ar go bhfaighinn marcaidheacht uait d'fhanas

annso go dtí so: lé súil, lé muinghin asat. Thug sé tamall mór ag brath ar léimeadh as an bhfuinneóig: ag súil go bhfaigheadh sé caoi. Is fada bhí sé ag brath léi sar ar phós sí é: ag feitheamh léi. Lé doircheadas na hoidhche ní ag siubhal do bhíos ach ag brath rómham: ag lorg na slighe go cúramach mar bheadh duine dall. Ag brath go bhfaigheadh sé bean áluinn d'fhan gan pósadh chómh fada: lé súil agus dóchas aige. Chaith an dochtúir seal fada ag brath mo chuisleann: a mhéireannta aige uirthe d'fhéachaint cad é an neart nó laige a bhí innte. Tháinig cúlaistínidhe na complachta ghár mbrath cé dho go dtabharfaimís ár nguth: d'iarraidh an fheasa san d'fhagháil. Ag brath na ndaoine bhíonn sé nuair labhrann sé mar sin agus ní i ndáiríre: d'fhéachaint cad é an aigne bhíonn aca agus í do nochtadh uatha lé háiteamh ná taithneóchadh leó. An bhfuilir ag brath go maith an aimsir seo?: connus tá an tsláinte agat?

brathadóir: *f.3.* duine a scéidheas ar dhaoinibh eile, spiaire, duine a cuirtear amach chun eolais ar áit, ar rud nó ar dhaoinibh d'fhagháil; duine a thugas cách nó cúis nó nidh ar bith i láimh namhaid trí fheall i dtruaill muinghine. Ná tabhair aon rún dó-san brathadóir seadh é: fear ná coimeádfadh do rún. Ní raibh faic a mhaireas dhá shuathadh aca ag gach cruinniughadh, ná go mbíodh ar maidin ar n-a bháireach ag na póilínidhibh, mar bhí brathadóir i ganfhios n-a measc: spiaire. Cuirimís brathadóir amach d'fhéachaint connus tá an aimsir: duine a gheobhas eólas dúinn. Brathadóir maith seadh an madra san, féach nár aithnigh sé go raibh sionnach sa chómhgar: b'eól do ó n-a bholadh d'fhagháil nó ar chuma éigin eile. Ní raibh rún im chroidhe ná rud ar eolas agam nár scaoileas leis lé muinghin agus iontaoibh as, ach scéidh an brathadóir orm.

bráthair: gaol, fear d'aon aicme (dho); manach; saghas éisc. Bráthair gaoil dom seadh thú, clann aon mháthar agus athar dob eadh mo sheanathair-se agus do sheanmháthair-se. Éist liom, a bhráthair: a dhuine chóir. Is minic nách lé cneastacht a hagalltar duine ar an gcuma so. Bráthair bán: cléireach d'órd áirighthe a bhíos in éide bhán. Bráthair dubh: cléireach d'órd áirighthe a bhíos in éide dhubh. Bráthair bocht: cléireach gur cuid dá ghnóth dhiadha déirc do lorg. "Sagairt agus bráithre agus d'imthigh na báirnigh eatartha" – seanrádh é seo deirtear lé haon rud do thuiteann amach go neamhghuiseach nách féidir a chosc nó a chuireas míchéadfadh ort. "An bhfuil airgead agat?" – "tá san, a bhráthair", cialluigheann áis a baintear mar seo as an bhfocal go bhfuil airgead ann go dearbhtha.

bráthaireamhail: *a.* ar nós bráthar, caoin, séimh. Labhair go bráthaireamhail leis: go caoin. Nách neamhbhráthaireamhail an fear é sin ná coidreóchadh sinn: coimhtheach, neamhbháidheamhail.

bráthaireamhlacht: *f.3.* dáil bheith bráthaireamhail nó lághach, muinnteardha. Níl rud ar bith ná déanfadh sé dhuit lé bráthaireamhlacht: lé muinnteardhas, fonn maitheasa do dhéanamh.

breab: *f.2.* díolfiach a tugtar chun breitheamhnais do mhealladh nó iomchar dhuine do thruailliughadh: luach saothair as brathadóireacht nó spiaireacht. Dá fhaid a bhí an fear san n-a chómhairle ceanntair riamh níor ghlac sé breab: níor thóg sé airgead ná a chómh ar son ruda do dhéanamh a bheadh in aghaidh a choguais nó na h-iontaoibhe a chuir na

daoine as. Ní féidir me do cheannach le breib: ní iontóchadh aon rud me ón mbealach atá fúm. Lucht breibe: daoine a ghlacas breab agus a shéanas a phrínseabáil.

breabach: *a.* do thabhairt breibe. Tá mac an fhir sin ag cur isteach ar bheith n-a dhochtúir san gceanntar so, agus ní bheadh iongadh orm ná go gcaithfeadh sé mála airgid ar dhaoinibh mar duine breabach seadh é: bog fé bhreib do thabhairt.

breabhaid: *b.2.* iarracht, seal beag nó turus beag ar muir nó ar tír. An raghair 'on bhaile mhór Dé Sathairn? b'fhéidir go dtabharfainn breabhaid ann: cuaird gheárr. Tabharfad breabhaid oraibh an tseachtmhain seo chughainn: déanfad cuaird ghearr oraibh. An bhfuilir ag léigheamh an leabhair do thguas duit? Tugaim foibhreabhaid air: iarracht anois agus airís. Má ghabhaim eaga air tabharfad breabhaid mhara um thráthnóna: má bhíonn an t-am ar mo chur raighead seal gearr ar an muir. Ní fearamhail an rud breabhaid do thabhairt ar aonne a's gan é láithreach: masla do thabhairt do, é d'ionnsaighe go héagcórach.

breabhaideamhail: *a.* ionnsaightheach, cáinteach. Duine breabhaideamhail seadh aonne a chromas ar thromaidheacht ar chách a's gan é láithreach.

breabaim: *b.a.* tugaim breab do dhuine; meallaim duine lé rud gan tábhacht nó gan fhios do. Níl aon lá ná go mbreabaim an leanbh san lé milseán: tugaim milseán do le hinntin é do dhéanamh rud orm agus éirigheann liom.

breac: *a.*, do bheith (curtha) go tiugh, líonmhar, smálach. Chonnac fear go raibh culaith bhreac éadaigh air: culaith go raibh baill innte ar atharach dath mar atá bán agus ruadh. Druid siar ón dteine nó beidh do loirgne breac ón dteas: baill dhearga ar chneas bán. Nách breac do mheasais me bheith go gcreidfinn uait go mbronnfá fiche púnt orm: saonta, gan ghaois. Nílim buidhe ná breac má táim bocht féin: tá mo chneas chómh glan geal le cneas aonne eile. Oidhche chruaidh seaca dob eadh í go raibh an spéir breac le réilthínidhibh: iad go tiugh líonmhar ar an spéir. Ní fhéadfá suidhe chun bídh ann bhí an bórd breac lé cuileannaibh: iad ar fuaid an bhúird ar fad. Bó bhreac: bó go bhfuil baill innte: baill bhána, cuir i gcás, ar uachtar dhearg. Tá an oiread san caorach ar thaobh an chnuic go bhfuil sé breac leo: iad chómh hiomadamhail agus bhíonn baill i mbreac ruadh abhann. "An cat breac" a tugtí ar an dteagasc a bhíodh dhá thabhairt do Chaitliocaidhthibh chun iad d'iompódh ar mhalairt creidimh. Páipéar bán dob eadh é ó chianibh, páipéar breac seadh é agat anois: tá scríobhtha agat air. Tá m'anam bocht breac a dhóthain is eagal liom: tá a leórdhóthain peacaidhe air. Fuair sé bás leis an bhfiabhras breac: éagcruas go dtagann baill ar chroiceann dhuine leis. Go dtagaidh an fiabhras breac ortha (droch-ghuidhe): is deacair teacht uaidh. Ní raibh an lá breac i gceart nuair chuireas mo cheann 'on doras, mar ní mheabhróchainn ar mhalairt a chéile: geal. "An baile breac", ainm áite aniomadamhail ar fuaid Éireann: baile fuarthalmhan, clochach, anacrach. An clár breac: cómhartha gnótha os cionn siopa, go háirighthe os cionn dorais tighe tábhairne. Díoltar beathuisce ann gan an clár breac: gan ceadmhas na dlighe.

breac: *i gcómhfhoclaibh* cuibheasach; foth-; ballach. Breac-dhubh: cuibheasach dubh. Breac-bhán: cuibheasach bán. Breac-ghlas: cuibheasach glas nó fuar. Chuir sé sioc trom

airéir agus tá an lá breac-ghlas dá chionn: fuar go maith mar gheall air sin. Níl an t-uisce sin oireamhnach chun té do dhéanamh leis, níl sé ach breac-the: cuibheasach te.

breac: *f.1.* iasc, an ainm choitcheann d'iascaibh éagsamhla d'aicme an bhradáin. Breac geal, breac ruadh: tugtar breac ar éisceannaibh i gcoitchinne, ach go háirighthe ar an gceann ruadh gur dual do an abha nó loch. Chaitheas an lá amuigh ag seilgeóireacht gan oiread agus breac éisc do bheith agam: aon cheann amháin. Breac mór seadh an eascú fharraige sin: iasc mór. Fiche breac a bhí agam tréis an lae: fiche iasc. "Éist lé glór na habhann agus gheóbhaidh tu breac" – seanfhocal: an té nách gcuireann fearas air féin chun iascaireachta ní shroichfidh sé iasc. Shaoileas ná cuirfeadh aon tsíon ar an bhfear san a bhí chómh folláin lé breac, dar liom: sláinte iongtach do bheith aige. Breac glas: duine gan taithighe ar nidh, ar nósaibh nó ar dhúthaigh iasachta; duine gur furaiste a mhealladh. Nár glas an breac me aige, gur shaoil sé go gcuirfeadh sé n-a luighe orm dhá phúnt do thabhairt do ar fheidhre bróg nár bhfiú a leath iad. Breac glas: iasc de chineál na pollóige a thaithigheas cois cloiche: ní bhíonn sé rómhór ná róbhlastamhail (feic **iasc glas**). Breac ní raibh agam tréis mo lae iascaigh: aon iasc amháin, ní etc.

breacadghail: *b.3.* obair éadtrom; beagán iascaireachta. Níl ann ach seanduine anois, agus ní féidir leis ach bheith ag breacadghail: ag déanamh beagáinín oibre. "An bhfuil aon iascach ar siubhal anois?" – "breacadghail": níl ach beagán éisc dhá fhagháil.

breacadh: *f.* (*-ctha*) baill do chur ann; do dhéanamh ioldathach; do mhaisiughadh; páipéar do chlúdach lé scríobhnóireacht; do mhíniughadh, d'innsint, do thrácht; scartadh (an aimsir). Chaith an bhean an lá ag breacadh an éadaigh: ag cur ball malairt datha leis an ndath íochtarach ann. Chaith an bhean an lá ag breacadh an éadaigh: ag cur ball malairt datha leis an ndath íoctarach ann. Chonnac na hiascairidhe ag breacadh a gcuid seól: ghá ndéanamh ioldathach. Bímís ag breacadh an tighe i gcómhair na Nodlag: ag maisiughadh an tighe. Ní fuláir nó tá do cheacht saothruighthe agat, a leinbh, is fada dhuit ag breacadh an pháipéir sin: ag cur síos air. Ná bí ag breacadh dhómh-sa ar an bhfear san, mar ní chreidim focal dá n-abrair: ag trácht air. Dá fhaid chaitheas ag breacadh dho cad budh cheart do do dhéanamh ní dhéanfadh sé rud orm: ag innsint do, ag cur agus ag cúiteamh leis dá mhaitheas. Thug a mhuinntir a saoghal ag breacadh dho go raibh sé ag imtheacht ar a aimhleas: ghá fhoillsiughadh dho agus ghá chómhairleach a leas do dhéanamh. Fear seadh é gur féidir leis scéal do bhreacadh go maith: é d'innsint go blasta, iontsuime. Dhein sé cioth mór, trom, agus annsan tháinig breacadh air: chuaidh an aimsir i bhfeabhas. Fág amuigh na héadaighe sin, níl aon bhreacadh fós ortha: níl aon triomughadh ortha. Dá dtagadh aon bhreacadh air (an aimsir) do raighinn abhaile: dá dtagadh feabhas ar an aimsir. Ní fheaca aonne riamh is díomhaoine 'ná thu, caithir an lá ag breacadh do chos leis an dteine: dhá dtéidheamh go dtagann buill dhearga ar an gcroiceann bán .i. leisceamhail. Bímís ag breacadh na hoibre: dhá dheilbh dhá síneadh amach.

breacaim: *b.a.* $_7$ *n-a*. maisighim; innsim, mínighim, fógraim; tosnuighim ar dhul i bhfeabhas (an aimsir); cuirim scríobhnóireacht ar pháipéar, cuirim baill i rud, ioldathuighim, sailighim. Breacfad an falla leis an bpáipéar, áluinn seo: maiseóchad é. Breacfainn duit ar thárlaidh dá mbeadh foidhne agat agus éisteacht liom: d'inneósfainn

duit gach aon nidh. Dá mbreacadh sé an cúrsa i gceart dom in ionad bheith ag tarang scéalta tharais chuige thuigfinn go maith é: dá mhínigheadh sé dhom etc. Is eagla liom go mbreacfaidh sé ar fuaid an cheanntair ná fuil puinn measa ort ag an ndream go bhfuilir ag obair dóibh: go bhfógróchaidh sé do gach aonne é. Bhreac sé a bhochtanacht chómh soiléir sin don mbreitheamh go bhfuair sé eaga chun a chuid fiach d'íoc: do chuir sé síos uirthe chómh h-inchreidte sin go bhfuair sé eaga. Drochdhuine dob eadh é i dtosach a shaoghail, ach nuair tháinig an aois air ní dheaghaidh lag air ach gach lá ag breacadh a chortha lé cathughadh agus aithreachas: d'innseadh sé ortha go beacht léir. Breacfair do chosa leis an dteine sin muna ndruidir siar uaithe: cuirfir baill ionta. Breac síos ar an bpáipéar san gach aon rud do theastuigheann uait me do dhéanamh duit mar ní choimeádfainn a leath im cheann: scríobh síos iad. Tabhair moill ort féin ón mbáistigh sin, breacfaidh an lá fós: tiormóchaidh sé. Breacfair an t-éadach cláir leis an dté má dhoirtir é: saileóchair an t-éadach.

breacaireacht: *b.3.* beagán eólais. "An bhfuil Gaedhilg aige?" – "tá, breacaireacht": eolas beag.

breac-áluinn: *a.* ioldathach. Nách breac-áluinn an t-éan an phéacóg? mórán dathann innte.

breacán: *f.1.* císte déintear ar ghreideal; leabharán go gcuirtear nodanna nó nótaidhe ann.

breacarnach: *b.2.* bheith ar aiste bhreac, bhallach; gealadh nó scartadh ar an lá (nó ar an aimsir). Cheannuigheas culaith éadaigh go bhfuil breacarnach innte: baill, garradhtha nó cearnóga. Is dual do bhreacarnach do bheith ann: is é a dhúthchas baill bhuidhe bheith 'n-a chneas. Dob olc an lá é lé báistigh, ach tháinig breacarnach um thráthnóna: d'éirigh sé bheith tirim ar amannaibh. Éan seadh an meaig go bhfuil cuid mhaith breacarnighe ann: cuid mhaith dá chuid clúimh bán.

breaccheathach: *a.* ceathanna do bheith ann anois agus airís. Beidh an oidhche breaccheathach. Ní lá ró-dhona lá breaccheathach seachas lá síorbháistighe: fothchioth do bheith ann.

breacchnoc: *f.1.* cnoc fánach. Níl ach breacchnoc i gConndae na Midhe: cnoc annso agus cnoc annsúd.

breacchoill: *f.2.* fothchoill, coill fhánach. Níl ach breacchoill in Éirinn anois seachas fadó: ní fiú trácht ar a bhfuil de choilltibh ann anois seachas mar bhí.

breacfhásta: *a.* cuibheasach fásta, gan bheith fásta in iomláin. Nuair bhí Peárnail in aoirde a láin bhíos im gharsún bhreacfhásta tímcheall deich mbliadhan d'aois. Ní raibh na barraidhe breacfhásta nuair tháinig scríob ortha do mhill iad: ní rabhadar fásta a ndóthain chun na scríbe d'fhulang.

breacfhliuch: *a.* fliuch ar amannaibh. Déanfaidh sé lá breacfhliuch: lá a bhéas fliuch ar uairibh.

breaclá: fothlá, lá fáin. Ní bhfaighim ach breaclá oibre: lá anois agus lá airís. Thagadh sé isteach chughainn breaclá nuair thagadh sé ar an mbaile mór: thagadh sé isteach lá anois agus airís. Breaclá maith seadh é: lá maith go leór seadh é, lá gur deacair locht mór d'fhagháil air.

breacloirgneach: *a.* ar aiste na loirgne a bheith lán de bhallaibh ón dteine, (aithchiall) leisceamhail, díomhaoin. Leadaidhe breacloirgneach atá ag déanamh díot: rud leisceamhail, ceanamhail ar fhanacht cois teine. "Tá an lá caithte díomhaoin go maith agat" – "nílim leath chómh breacloirgneach leat-sa": chómh fonnmhar suidhe cois teine.

breacmhúscailt: *b.3.* ar aiste gan bheith dúisighthe in iomláin. Ní fhéadfainn a rádh cad é an méid uair do buaileadh ar an ndoras, mar ná rabhas ach im bhreacmhúscailt: ní rabhas dúisighthe chómh maith san agus go raibh mo mheabhair léir ar rud do chlos n-a cheart.

breacshaoire: *b.4.* aimsir leathdhíomhaoin, leathshaoire. Tímcheall na Nodlag dob eadh é, agus ní raibh mórán oibre lé déanamh ar fheirmeóireacht, a's bhí an aimsir n-a breacshaoire ges na feirmeóiridhibh. Aimsir fhiadhain seadh í, ní féidir leis na hiascairidhibh dul ar muir ach go hannamh, tá sé n-a bhreacshaoire aca: níl puinn lé déanamh aca.

breacshláinte: *b.4.* sláinte gan bheith rómhaith. Ó gonadh sa bhualadh é níl aige ach breacshláinte: ní bhrathann sé ar fóghnamh anois agus airís. Tá breacshláinte mhaith agam seachas mar bhíodh: tá an tsláinte abhfad níos feárr agam 'ná bhíodh roimhe seo.

breac-sholas: *f.1.* solas lag na maidne nó an tráthnóna, le linn den lá bheith ag gealadh ar maidin nó an oidhche ag breith buadha ar an lá um thráthnóna deireanach. Ní raibh ann breacsholas na maidne, agus ní fhéadfainn a thabhairt chun cruinnis ar ainmhidhe nó duine do chonnac: ní raibh an solas láidir a dhóthain etc. Tigh seadh é ná feaca riamh ach breacsholas: solas caoch, lag. Gan choinneal nó lóchrann ní fheicfeá faic sa pholl, mar ná raibh ann breacsholas ón lá: doircheadas ann nár bhuail solas an lae é.

breac-thirim: *a.* tirim in áiteannaibh, i mballaibh, ar amaibh. Dá mbeadh an lá breac-thirim do thabharfainn fén mbóthar, ach sa bháistigh seo, ní leómhfainn: dá mbeadh sé tirim foth-uair fiú amháin. Fliuchadh go trom me, sheasuigheas leis an dteine ar feadh tamaill, anois táim breac-thirim: tá furmhór an fhliuchra imthighthe as mo chuid éadaigh. Beir isteach na h-éadaighe, táid breac-thirim: táid cuibheasach tirim gan bheith tirim ar fad, ar fad. Níl an coirce ach breacthirim, níl sé oireamhnach lé ceangal fós: tá cuid de tirim agus cuid ná fuil. "An bhfuil tart ort?" – "táim breac-thirim go maith": d'ólfainn deoch.

bréag: *b.2.* éitheach, ceal fírinne, mealladh, meang, feall. "Ní abrann galar fada bréag" – seanrádh so, deirtear nuair árduigheann an bás leis duine a bhíos breóidhte ar feadh i bhfad. "Fear thar fhearaibh le féile dob eadh é" – "ní bréag duit sin do rádh": is í an fhírinne ghlan san do rádh. Fear bréige seadh gach fear poilitidheachta: fear ná hinnseann an fhírinne agus a fhios aige. "Ar chualais gur cheannuigh Tomás Ó Connchabhair tigh ar

dhá chéad púnt? cé chreidfeadh é?" – "mhuise, nár chuirtear bréag air": cuireann sé iongadh áthais ort. Dá bhfeictheá leanbh, cuir i gcás, ag déanamh ruda ná tuairmeófá ach dho dhuine fásta do dhéanamh déarfá, "nár chuireadh bréag ort". Bead ag feitheamh leat ar a 3 a chlog gan aon bhréag: go deimhnightheach, gan teip. "Tá an bhréag agat chugham má deirir go rabhas ag tromaidheacht ort, níor osclas mo bhéal ort": níl aon phioc den gcóir agat. Níl id scéal ach bréag: aon fhocal amháin fhírinne níl id scéal. Cuireadh bréag 'n-a leith gurb é mhairbh do mhadra: cúisigheadh san éagcóir é. Níor chuir sé bréag ná scéal ar aonne riamh mar duine fíor-mhacánta do bhí ann: níor chum sé ná níor cheap sé aon rud i dtaobh aonne gur bh'fhéidir lé haonne adughadh air. Cuireadh dhá mhí príosúin air i dtaobh airgid bréige do chur uaidh: airgead ná raibh ceart dréir a mhianaigh, luaidhe in ionad airgid bháin, cuir i gcás. Ní raibh faic n-a óráid ach bréaga: níor labhair sé aon fhírinne. Creid me, a chara, ní chanaim gó ná bréag: ní abraim aon rud cam ná cor ná ní innsim faic nách fírinne. "Bréag mhór, a mháighistir", ars an garsún ar scoil nuair baineadh preab as lé rud éigin a chur n-a leith ná raibh ceart nó gur theastuigh uaidh gan é do mhilleánughadh n-a thaobh. Fuair an breac amach nuair bhí sé ródhéidheanach aige a's an dubhán n-a bhéal, nár chuil a bhí ann ach bréag: boighte mealltach i riocht cuile. "Gan bréag duit, sin é mo scéal ar fad agat": gan aon fhocal fé ná tharais, sin í an fhírinne ghlan.

bréagach: *a.* mealltach, glic-chliste, neamhfhírinneach, neamhcheart, éagcórach. Do dhein lá an-bhréagach de: budh dhóigh leat air i dtúis an lae go mbeadh sé go breágh tríd siar, ach d'athruigh sé ar olcas. Ar feadh na mbliadhan bhí airgead bréagach dhá dhéanamh aige: airgead ná raibh an mianach ceart ann. Dá me thu ní bheinn ag brath go mór air, mar tá sé bréagach: níl sé iontseasaimh. Féach air seo mar guna, tá an barraile bréagach: níl sé díreach. Capall bréagach ar bhóthar fhada é: níor cheart an iomad muinghine do bheith as ná go dteipfeadh sé ar shlighe éigin. Tá an clog san bréagach: níl an t-am ceart aige. Mara mbeadh go raibh cuid éigin den ndoradha bréagach ní bhrisfeadh sé le breac ná raibh trom: lochtach. Ná déin rud chómh bréagach ar charaid a's a cheilt air go bhfuil a fhios agat cá bhfuil a mhac a's é chómh buartha 'n-a thaobh: neamhcheart. Chaitheas a raibh agam ar son na beirte againn ar choingheall go gcaithfeadh san a chion dá mbudh ghádh é; in ionad san do thréig sé me agus budh bhréagach an bheart do é: cliste, glic, leithreachas. Síol bréagach do cuireadh sa ghort san 'sis olc do tháinig sé: síol measctha.

bréagadh: (*-tha*) mealladh, bladar-chainnt, do chur caitheamh aimsire, suaimhneasughadh (mar leanbh); ceannsughadh. Bhíos d'iarraidh an leinbh do bhréagadh lé milseán: ag tabhairt milseáin do chun é do chur ar mo thoil, é do staonadh ó ghol, é do mhealladh chun ruda éigin nár theastuigh uaidh. Mo leanán dhá bhréagadh agam lé póig: dhá ceannsughadh a's dhá mealladh chun mo ghráduighthe. Is fada ag bréagadh na ndaoine thu léd phlámas: ag geallamhaint rudaidhe dhóibh ná raibh ar inntin agat agus dhá mealladh leo. Dob ait an rud duit bheith ghom bhréagadh ó thúis go mbeithfeá ar mo thaoibh agus é geallta agat go mbeithfeá ar an dtaobh eile: ghom chur amugha. Áit an-uaigneach dob eadh é, ach thugainn furmhór an lae ag bréagadh na haimsire lé léightheóireacht: dhá chiorrbhadh, d'iarraidh gan í do bheith ag taidhbhseamh chómh fada is bhí dom. Is mór an bréagadh ar sheandaoinibh an seantháille do bheith aca: deineann sé sásamh agus ceannsughadh.

bréagadóir: *f.3.* mealltóir, bladaire, fear éithigh; mealltóir. Bréagadóir ban seadh thu: bír ag bladar leó agus gan tú i ndáiríribh. Níl do lithéid eile de bhréagadóir idir mhuir a's grian: bheadh sé ag stealladh éithigh gan aon duadh ná náire. Bréagadóir aonne a déarfadh leat do chuid airgid do thabhairt ar iasacht do dhuine gan stros: mealltóir seadh é agus a eólas aige gan aon tslighe ar dhíol.

bréagaim: *b.a.* meallaim, suaimhneasuighim, ceannsuighim. Ní h-eól dom bean a bhréagfadh leanbh mar í: go bhfuil slighe aice ar leanbh do cheannsughadh. Ná bréag me teacht féd bhrághaid muna bhfuil fonn ceart ort bheith ann: ná meall me. Bréagann an cheiridhe sin an tinneas im láimh: cuireann sé suaimhneas ar an bpian. Imthigh agus bréag an fear san, tá fearg an domhain air: ceannsuigh é, ciúnuigh é. Ní bhréagfainn ar an saoghal mór, ná bí ag brath orm: ní chuirfinn amugha thu, ní chuirfinn díombáidh ort.

bréagaire: *f.3.* duine éithigh; bladaire; mealltóir. Bréagaire ded léithéid gur fágadh dhá chéad púnt le hudhacht agat: fear éithigh. Chuala an bréagaire ghod mholadh léd bhéal lé súil go bhfaigheadh rud éigin dá bharr: ag rádh rudaidhe a chuirfeadh sásamh ort ná raibh ar aigne aige. Dá gcloisfeá ag cainnt é ar a raibh de thuilleamh ag teacht chuige d'fhonn go bhfaigheadh sé nidhthe ar cáirde budh dhóigh leat gur cheart duit a raibh agat do thabhairt do as gan faic ag teacht chuige, bréagaire breágh dob eadh é. Bréagaire bac seadh an lá so: lá nách féidir iontaoibh do chur as. Bréagaire fir, mná: fear nó bean a mheallas duine.

bréagán: *f.1.* rud a mheallas; rud gan luach chun caitheamh aimsire; rud scléipeach gan aon mhaitheas bheith ann. Bréagán seadh na fógraidhe móra so chídhfeá mar gheall ar earraidhibh a bhíos dhá dhíol go saor: rudaidhe chun daoine do mhealladh. Cheannuigheas an t-éan adhmaid seo mar bhréagán don leanbh: chun é a mhealladh, go saoilfeadh sé gur éan ceart a bhí ann. Is maith an bréagán croiceann an airgid, fiú amháin meallann sé leanbh. Níl innte ach bréagán mar mhnaoi: mheallfadh a deallramh duine.

bréagchosamhlacht: *b.3.* cosamhlacht nách bhfuil fíor nó ceart, nách bhfuil ann ach don súil. Ní ghnidheann dath na gcapall so ach bréagchosamhlacht: is ar aon dath dhóibh ach dá dtásdálfá iad nílid ar aon neart ná aon mhianach.

bréagchrábhadh: *f.1.* do leigeant ar dhuine malairt a nidh a bhíos n-a chroidhe nó ar a aigne, go mórmhór bréigriocht creidimh. Bréagchrábhadh dhuit bheith ag paidireóireacht agus tú ag déanamh an uile rud níos measa ná a chéile: ag dúmas ataoi. Ná bí ag leigeant ort liomsa go bhfuilir ar mo thaoibh, mar is eól dom nách bhfuilir: níl ann agat ach bréagchrábhadh.

breágh: *a.* áluinn, dathamhail, go maith, fóghantach, go sármhaith, taithneamhach (leis an súil), gleóidhte. Is breágh liom bualadh leat: is maith liom: cuireann sé subháilceas orm. Nách breágh duit bheith id chómhnaidhe in áit áluinn mar é seo: nách maith, sásamhach an scéal duit é. Is breágh an scéal agat é go bhfuil do chlann go léir i gcrích: is aoibhin duit: is ádhmharach duit é. "Lá breágh", beannachadh coitcheann seadh an rádh so. Leasainm (lé deireannaighe) ar dhuine ag tosnughadh ar an nGaedhilg d'fhoghluim.

Ar mh'anam gur agat atá an saoghal breágh gan faic lé déanamh agat ó mhaidean go h-oidhche a's do dhóthain lé codladh a's lé n-ól agat. Gluais go breágh socair, ar eagla go gcloisfí thu: siubhaluigh gan imshníomh. "Breágh bog! annsan": go réidh annsan: ná bítear go fuinneamhail: na déintear an oiread gleóidh: gluaistear níos moille. Árduigh an seól go breágh: cuir anáirde é go sásamhach agus gan aon locht. Is breágh lem chroidhe thu: cuireann tu agus gach nidh do dheineann tu áthas agus sástacht ar mo chroidhe. "Tá go breágh, a tháilliúir, do chaillis do shnáthad" – rádh coitcheann so a deirtear nuair bhíonn ball nó rud éigin dearmhadtha nó ar iarraidh gan choinne agus gach ao'nidh eile i gcóir. Nuair cloistear scéal ná taithnigheann lé duine, rud éigin a chuireas an nidh a bhíos beartuighthe bun-os-cionn nó is cúis díobhála nó míoshásta deirtear, "tá go breágh!" "Cad fáth nách dtáinighis abhaile nuair iarras ort é?" – "bhí sé d'fhonn orm" – "nách breágh mar sin nách dtáinighis": cad é an fáth a bhí agat lé gan teacht? "Nách breágh nách dtagann aonne ar mo thuairisc a's me im luighe?": cad é an chúis atá leis? Nách breágh ná fuil scadáin chómh flúirseach agus bhíos: cad é an fáth, ní fheadar? Nách breágh go bhfuil airgead chun óil agat agus ná fuil chun éadaigh: is ait an rud é gur feárr leat do chuid airgid do chaitheamh ar an gcuma san. Sin biadh go breágh lé n-itheadh: biadh blasta, soi-ithte. Ní breágh ná ní maith an iomad beathuisce: is díobhálach é. Tair go breágh luath: bí tamall maith roim am riachtanach ann. "An dtiocfá ar cuaird chughainn ar feadh mí?" – "budh bhreágh liom": chuirfeadh sé an-áthas orm. "Tá an scéal go breágh agat anois", deirtear nuair thárluigheann tubaist éigin. Níl aon amhras ná gur bhreágh an fear tighe é: fear subháilceach fáilteamhail n-a thigh féin roim dhaoinibh eile. I gcuideachtain níor bhuail aonne riamh liom budh bhreághtha ná é: aonne gur bh'fhusa réidhteach leis, budh chuideachtamhla, budh shochma ná é. "Tá scéal breágh agat": níl aon deallramh ar do chúrsa, nó tá an aindeise ort. Budh bhreágh lá dhó go bhfuair sé bás ná bheith i bpian mar bhí sé: b'é an bás an rud dob fheárr. [Nuair cuirtear (go) breágh roim aon aidiacht cialluigheann sé brigh an aidiachta san chun doshásta].

breághaichte: *b.3.* áilne, taithneamhacht. Do thoigh an rí mar mhnaoi dho féin í lé n-a breághaichte: lé n-a háilne. Le breághaichte an lae agus na gréine do thuit mo chodladh orm le hais na carraige: taithneamhacht a's aoibhneas. Dá bhreághaichte a's tá an aimsir tá an t-éadach san ort ró-éadtrom: dá fheabhas agus da thaithneamhacht atá sí. Lé breághaichte amhairc na scine seadh do cheannuigheas í: toisc an chuma mhaith a bhí uirthe.

breághthacht: *b.3.* gleóidhteacht, áilne, sárfheabhas, aoibhneas. Rug sí bárr lé n-a breághthacht ar mhnáibh a haimsire: ní raibh aon bhean chómh gleóidhte léi. Ní h-ar a breághthacht is fearr liom í: ní toisc a h-áilne gur b'í mo rogha í. D'éirigheas amach fén spéir lé breághthacht an lae: fíoraoibhneas an lae. Cuireann sé breághthacht ar mo chroidhe bheith ag éisteacht leat: is mór an sásamh ar m'aigne é. Tá breághthacht orm agat: cuirir sástacht dochuimsighthe orm. Chuaidh breághthacht tíre na h-Éireann go maith: áilne na tíre. Breághthacht seadh tigh mór chun cómhnaidhthe ann: aoibhneas agus maitheas. Budh mhaith leat a bhreághthacht a shiubhaluigheadh sé: a chóraighe gan locht coiscéime. An dóigh leat go bhfuil breághthacht ar an aimsir?: go n-atharóchaidh sí.

breághthuighim: *b.a. 7 n-a.* áilnighim, maisighim, téidhim i bhfeabhas. Má chuirir aol fé fhallaidhibh an tighe breághthóchaidh sé iad: cuirfidh sé feabhas a's áilne ortha. Ní fada

ná go mbreághthóchaidh an aimsir anois, tá an samhradh i ngiorracht dúinn: go raighidh sí i bhfeabhas. Bhreághthuigh sí ag dul in aois di: chuaidh sí in áilne agus í ag dul in aois.

bréagnughadh: (*-the*) ag tabhairt an éithigh do rud, ghá chruthughadh nách é an ceart atá i gcoinnibh, d'áiteamh ruda. Ní ghod bhréagnughadh é, ní chreidim focal uait: ní h-é mo mhian do chur n-a luighe ort nách í an fhírinne atá agat. Ní leigfeadh sé focal as mo bhéal ach ghom bhréagnughadh: ag teacht treasna orm agus d'iarraidh a chur n-a luighe orm nách é an ceart a bhí agam. Ní béasamhail d'aonne duine eile do bhréagnughadh: an t-éitheach do thabhairt do. Cad n-a thaobh an bréagnughadh scéil seo ar an scéal cheana? malairt scéil.

bréagnuighim: *b.a.* tugaim an t-éitheach do, áitighim ar, déinim spior-spear de; meallaim, bréagaim. Dubhart gurb é an trí muilleat do chaitheas agus bhréagnuigh sé me: dubhairt sé nár bh'é pé aca ar éirigh leis nó nár éirigh leis a chruthughadh. Tréis mórán argóna bhréagnuigheas é go raibh an ceart agam: chuireas n-a luighe air go raibh an ceart agam. Dá me thu ní bhréagnóchainn é, ní fiú é bheith ag caitheamh aimsire air: ní fhoillseóchainn do an mícheart do bheith aige.

bréagóg: *b.2.* aon rud a cuirtear anáirde chun scannraidh do chur ar éanlaithibh; aon rud a chuirfeadh scannradh amach gan baoghal.

breall: *b.2.* ball, rud nách dtaithnigheann leis an súil: aithis; maisle; botún; máchail mhór; driuch áirighthe ar cheannaighthibh duine go mórmhór tímcheall an bhéil a fhoillsigheas míoshásamh nó míoghnaoi. Deirim leat dá fheabhas ataoi go bhfuil breall ort: dearmhad. Ná fág aon bhreall ar do ghnó: ná fág aon locht air: déin i gceart agus go hiomlán é. Ar feadh dhá lae táim gan faic do dhéanamh agus fágfaidh san breall ar mo ghnóth: cur siar. D'fhág sé breall uirthe: gheall sé go bpósfadh í ach níor dhéin. Chuir an leanbh breall air féin nuair ná fuair sé aon mhilseán: chuir sé pus air féin nó fonn guil. "Imthigheann an spré agus fanann an bhreall ar an mnaoi": caithtear an t-airgead a thugann an bhean chun a fir agus is annsan is mó tugtar fé ndeara a lochta. Seadh, anois atá an bhreall i gceart orm gur chailleas mo sparán: anois atáim i gcruadhchás ceart. An té adeir ná h-aithbheófar an Ghaedhilg tá breall air: tá dul amugha air. Chuiris an iomad té ar an bpota so, rinnis breall de: do laitis é. Ar ghái ris riamh? ní fheaca riamh ná beadh breall éigin ort: míoghnaoi, míoshásamh. An é seo leanbh na breille? an té gur deacair a shásamh. Cuir díot an bhreall: bí greannmhar.

breallach: *a.* mórphusach; faillightheach; neamhchríochnamhail; lochtach. Tá béal breallach air: pusa neamhchúmtha. Bíodh do shúil ar an bhfear san deineann sé a ghnóth go breallach: faillightheach, neamhchríochnamhail. Is breallach an scéal ag coisidhthibh i mB'l'Áth Cliath é i rith na stailce seo ag siubhal chun oibre a's ar ais: ait, diachrach, aindeis. Gan aon choinne aige leis do shleamhnuigh sé agus briseadh a chos, budh bhreallach aige é: go neamhádhmharach d'éirigh sé dho. Beir i gceart ar an rith san, ná bí breallach: neamhaireach, beir uirthe mar budh cheart. Sin an scéal is breallaighe dá gcuala riamh: is dothuigse, nó is measa curtha lé n-a chéile. Budh dhóigh leat ar a bhreallaighe shiubhalann sé ná raibh aon fhuinneamh ann: ar an gcuma neamhshlachtmhar etc. Nách breallach a scaoil sé uaidh a chuid airgid, a thabhairt uaidh

gan aon urradhas go bhfaigheadh sé thar n-ais é: ait, míchiallmhar. Baineann an tigh breallach so mo mheabhair díom: an tigh seo gan aon riar ceart ann chun gnótha do dhéanamh mar budh cheart. Úirlis bhreallach seadh an casúr so go bhfuil an chos ar bogadh ann chun aon nidh do dhéanamh: úirlis ná fuil i gceart, oireamhnach chun oibre. Ní fhéadfadh droichpheann ach scríobhnóireacht bhreallach: lochtach, neamhshlachtmhar. Ná h-ól a thuille nó beir breallach: ait, gan bheith mar bhír nuair bhír ar do chéill, déanfair rudaidhe go mícheart agus rudaidhe míchearta.

breallaire: *f.4.* duine baoth gan mhaith, duine neamhchríochnamhail. Breallaire bocht ná raibh eolas a ghnótha aige: gan gliocas ná clisteacht chun oibre. Ní bheadh an tigh ar an gcuma so ag aonne ach ag breallaire: fuairthé duine. Níl fuaimeant ná deallramh ar do chuid cainnte, níl ionat ach breallaire: duine ná fuil ciall léd chainnt.

breallaireacht: *b.3.* neamhfhuaimeant, neamhchríochnamhlacht, aindeise gnótha, cainnte nó gníomha. Níor chuireas aon tsuim n-a cuid breallaireachta: cainnt ná raibh fuaimeant léi. Níl san bhfalla san ach breallaireacht oibre: obair gan aon mhaitheas. Níl sa tslighe a chuiris chun do ghnótha ach breallaireacht: slighe gan eolas. Caithid an lá ag breallaireacht: ag déanamh ruda éigin gan bhun.

breallán: *f.1.* duine neamhaireach, duine gan deallramh, duine ná deineann rudaidhe mar budh cheart. Breallán mná dob eadh í aon bhaint do bheith aice lé meisceóir mar é: bean gan chéill, óinseach. Brealláin seadh a chlann go léir: leanbhaidhe saonta gan chríochnamhlacht nó seanchríonacht. Táim im bhreallán ag an gceist seo: níl ionam í do réidhteach dá mhéid a dheinim, mo dhícheall. Breallán seóidh dob eadh me aca: do bhíos im cheap magaidh aca. Do rinne an deoch breallán de: ní raibh ann ao'nidh do dhéanamh ná do rádh mar dhéanfadh dá mbeadh sé ar a chéill. Tá ár ndóthain cloiste againn uait, a bhrealláin gaoithe: a amadáin na cainnte gan chéill. Féach romhat, a bhrealláin: a dhuine ná fuil ag déanamh i gceart.

breallánta: *a.* amadántamhail, mar dhéanfadh nó mar labharfadh breallán. Budh bhreallánta an gnóth dhom an doras d'fhágaint ar oscailt agus me ag dul a chodladh: amadántamhail. Nách breallánta an chuma do thugann an hata san ort: cuireann sé deallramh amadáin ort. Dá mbeitheá gan bheith chómh breallánta a's do chuid airgid do chaitheamh in ionad é do choigilt i rith an gheimhridh d'fhéadfá dul ar do laetheantaibh saoire sa tsamhradh: chómh h-amadántamhail. Seachain tú féin agus ná bí breallánta ameasc na ndaoine: bí aireach ar do ráidhtibh a's ar do ghníomharthaibh.

breallghail: *b.3.* oibriughadh neamhshlachtmhar nó gan feidhm; gníomh neamhfhuaimeantamhail. Breallghail seadh bheith ag gabháil ar charraig lé casúirín mar é sin: obair gan éifeacht. Níl sa leabhar do scríobh sé ach breallghail: leabhar ná fuil doimhin, léigheanta, ná iontsuime. "An rabhais ag obair go dian indiugh?" – "mhuise, níor dheineas ach breallghail": rud nách fiú trácht air. Breallghail imeartha seadh í sin: imirt gan fuinneamh, gan lúth, gan spirid.

breallóg: *b.2.* óinseach, bean aindeis n-a gluaiseacht nó n-a cúram. D'fhág an bhreallóg a bróga amuigh fén mbáistigh: an bhean gan tuisgint. Budh bhreágh, scafánta an bhean í

nuair bhí sí óg, anois tá sí n-a breallóig lé feoil: n-a mnaoi aindeis, bheathuighthe. Ná creid aon fhocal ón gcladhaire bladardha san, ag déanamh breallóige dhíot atá sé: ag déanamh óinsighe díot: ghod mhealladh. Táim im bhreallóig de cheal snáthaide: tá obair shnáthaide rómham a's gan í agam. An bhreallóg bhocht, cad dhéanfaidh sí anois ó cailleadh a raibh aice: an bhean bhocht shaonta gan urchóid.

breallsún: *f.1.* amadán, duine aindeis n-a ghnó, n-a chainnt nó n-a shlighe. Ná déin breallsún díot féin, dul i gcuideachtain ná teastuighir innte: ná déin amadán ait díot féin. Budh mhór an breallsún thu gan amhras do mhéar do chur i mbéal an mhadra san: duine gan chéill. Féachaidh ar an mbreallsún an tslighe bheireann sé ar a pheann: an duine gan eólas. Ní déarfadh aonne ach breallsún go bhfásfadh ubhla sa gheimhreadh: duine ná feadair cad tá ar siubhal aige. Ní tusa an breallsún ach mise atá ag cainnt leat: ní tusa an t-amadán ach mise bheith ghom chor féin leat d'iarraidh céille do thabhairt do dhuine nách féidir é. Seachain as san, a bhreallsúin, ní bhein ag féachaint ort ag obair: duine tuathalach ag gabháil de ghnó.

breallsúnacht: *b.3.* (**breallsúntaidheacht**) amadántaidheacht, iomchar gan chéill; tuathalacht in úrlabhra nó i ngníomh. Ná tóg aon cheann den nduine sin ar ao'nidh a deir sé, tá breallsúntacht air: níl sé go maith n-a cheann. An lé breallsúntaidheacht atáir ag cainnt mar sin nó ag leigeant ort? an amhlaidh gur amadán tú nó rógaire? Breallsúntaidheacht duit do cheann do chur i scéal ná baineann leat: tuathalacht.

bréan: *a.* lobhtha, drochbholadhthach; (fíoghardha) déistineach; truaillighthe; suarach, sprionnlaithe, beag-is-fiú. Iasc gan salann lé seachtmhain seadh é, tá boladh bréan uaidh: lobhtha. Ón chéad lá bhíos bréan d'obair mar í seo, dian, sclábhamhail, neamhinspéise dhom: níor thaithnigh sí liom in ao'chor. Nuair ná scarfadh na sionnaigh eile lé n-a gcuid earball ar chómhairle an tsionnaigh gan earball d'éirigh sé bréan de féin: tháinig mímheas an domhain aige air féin. "Más bréan í an lúidín is den láimh í" ars an fear bocht leis an mnaoi shaidhbhir, gaol do: níl aon deifridheacht eadrainn ach an t-ionmhas. Poll gránda uisce gan sraoth as, go bhfuil boladh bréan as seadh é: boladh lobhtha, láidir. Táim bréan den imirt, éireóchad aiste: míoshásta, míoghnaoidheach. Do bhí an oiread san corpán ar pháirc an chatha go raibh boladh bréan san aer: boladh lobhtha. A dhuine bhréin, ná tabharfadh pingin don leanbh bhocht ocrach: duine suarach sprionnlaithe. Nách bréan a dheinis ar an mbacach san é nár thug cannta aráin do: nách bochtchroidheach, neamhfhial. Bhíodar bréan lé h-airgead ní fuláir, agus míle púnt do thabhairt ar an áit bhig sin: airgead gan teórain aca. Do mhair sé go macánta, galánta, meastamhail a's níor bh'féidir ao'nidh bréan do chur n-a leith: aon rud suarach ná neamhfhearamhail. Ná h-ól an t-uisce bréan san: uisce ná fuil go maith. Ruidín bréan thu: duine sprionnlaithe.

bréanadh: *f.* (*-nta*) do dhéanamh lobhtha, do thruailliughadh. Tá an coirce ag bréanadh fén sín, cheal a cheangailte: ag lobhadh. Tá an t-adhmad ag bréanadh cheal é thógaint as an gcré: ag dreóghadh, ag dul in olcas. Ná bí ag bréanadh an uisce sin leis an slab do mhúscailt ann: ag truailliughadh, dhá dhéanamh dorcha, doiléasta. Lá maith ar maidin dob eadh é ach tá sé ag bréanadh: sailiughadh ag teacht sa spéir dhá doirchiughadh: ag dul in olcas. Ná bí ghom bhréanadh leis an smúit sin: ag cur smúite ar mo chuid éadaigh nó im choinncin. Ní bheadh sé ghá bhréanadh féin leo le baint leó: ní bheadh aon tsíos ná

suas aige leo, mar, dar leis nár bhfeárrde é san: budh lag leis iad do shamhlughadh leis. Ní h-aon bhréanadh ort gaol do bheith agat liom: ní h-aon chúis náire dhuit é, ná ní bascadh clú ná measa ort san.

bréanaim: *b.a. 7 n-a.* lobhaim, laitim. Bréanann uisce an mhuilinn an abha: sailigheann agus tugann boladh olc dhi. "Ag troid leat-sa! ní bhréanfainn m'ainm ná mo lámha leat": ní thabharfainn lé rádh é i dtaobh mo cháile ná níor bh'fhiú liom baint leat. Bréanfair tú féin leis an aoileach san: saileóchair do lámha nó do chuid éadaigh agus beidh boladh gránda uait. Bréanann sé me lé n-a mbíonn de scéaltaibh suainseáin aige ar a chómharsanaibh: cuireann sé déistin orm bheith ag éisteacht leis ag tromaidheacht ar a chómharsanaibh. Do bhréan an spéir chómh holc san ná feicfeá leathmhíle uait: do shailigh sí lé báistigh nó ceódh nó a lithéid de dhroich-shín.

bréanbhróg: *b.2.* bróg déanta de mhianach leathair gan mhaith. Ní bhíonn orm ach bréanbhróga: bróga stractha nó bróga nách fiú mórán an mianach a bhíos ionta maidir lé féachaint air ná eile. Ní bréanbhróga chuirfinn ar mo stór: chuirfinn bróga galánta maiseamhla uirthe.

bréantas: *f.1.* lobhthacht, boladh cos-aigeanta, truailliughadh iomchair, croicinn phrátaidhe, fuighleach feóla, cnámha éisc, fuighleach glasraidhe, seanpháipéir, iad go léir in aon chúil amháin agus bréantas uatha: boladh láidir, lobhtha. Cuireann an fheóil chabhruighthe sin bréantas orm: casadh im aigne. Ag cainnt go neamhcheart, díomasach ar dhuine, is mór an bréantas é: déistin, rud a chuireas gráin ar t'aigne. Ar mh'anam go bhfuil bréantas orm fínéacht do thabhairt sa chúis seo mar beirt charad dom atá in earrad lé chéile: míofhonn mór. Ní fhéadfá dul i ngiorracht phluaise an mhada ruaidh leis an mbréantas a bhíos uaithe: boladh láidir, coimhtheach. Tá bréantas ar an lá indiugh: tá drochaimsir chughainn.

breasal: *f.1.* dath dearg, comharthuightear caoire leis; ball comhartha; "fuil"; sailiughadh aimsire. Cuirtear breasal ar chaoiribh ar áitibh áirighthe dá gcorp chun iad d'aithneamhaint ó chéile. Cuirfead-sa breasal ort-sa mara leigir dom: cuirfead fuil ort. Nuair thagann breasal dearg sa spéir is eagal liom go mbíonn atharach aimsire air. "Breasal" leasainm ar dhuine go mbíonn fonn troda air.

breasta: *a.* meidhreach, anamamhail, subháilceach. Is annamh do chonnac chómh breasta ag an ól é, ag rinnce, ag amhrán: chómh meidhreach, anamamhail. Chaitheamair tráth breasta i bhfochair a chéile i seal subháilceach ag cur an tsaoghail trí chéile: seal subháilceach, cneasta, gan argóint ná easaontas.

breathnadóir: *f.3.* fairtheóir, scrúduightheóir. Tháinig breathnadóir ó Bh'l'Áth Cliath ag féachaint ar an dtalamh indé, bhain sé fód annso agus annsúd ag tabhairt na cré fé ndeara: fear a bhí ag meas luach na talmhan. Mise an t-aon bhreathnadóir beo anois a chonnaic an rás úd: an t-aon duine a bhí ag féachaint air. Déin do dhícheall ag imirt, beidh mórchuid breathnadóiridhe ann: mórán lucht féachta. Tair annso, blais an beathuisce seo, innis dom do mheas air, mar breathnadóir maith seadh thu: breitheamh maith maidir lé súil a's blas.

Breathnadóir cruinn ar chúrsaidhibh na tíre seadh é leis na ciantaibh: lé fada tá sé ag scrúdughadh agus ag déanamh stuidéir ar chúrsaidhibh na dúthaighe.

breathnadóireacht: *b.3.* faireachas, ag tabhairt fé ndeara, ag déanamh staidéir (an aimsir, an spéir etc.). Nách ort atá breathnadóireacht an diaill bhuidhe ar an áit sin: nách tú ag faire 'sag infhiúchadh go cruinn dlúth air. Gach lá théidheadh na fir gorma go barr an chnuic sin ag breathnadóireacht na mara: ag dearcadh go géar (ag faire namhad). Thug sé na bliadhanta fada, díreacha ag breathnadóireacht na spéire ag lorg réalt nuadh: ag amharc, ag scrúdughadh, ag tomhas 'sag staidéar.

breicne: *b.4.* (**breicneacht**) ar aiste baill do bheith ann; éagsamhlacht dath, baill bhuidhe ar chroiceann daonna. Cheannuigh sé culaith go raibh breicne innte: baill bhreaca (fic **breac**). Beithidheach go bhfuil breicne innte seadh í: éagsamhlacht dath. Ní fheaca de Mhuinntir Chearnaigh ón gceanntar chéadna na raibh breicne n-a gcneas: baill bheaga bhuidhe.

breicneach: *a.* ballach, dath-éagsamhlacht. Níor mhaith leis bean bhreicneach do phósadh: bean go raibh baill bhuidhe n-a cneas. Chidhfeá i bhfad uait na clocha móra breicneacha atá ar thaobh an chnuic: carraigeacha geala, glasa.

bréid: *b.2.* éadach garbh olna go mbíonn bruth ar an dtaobh amuigh de; anairt; éadach, clúdach a leanas a chéile mar leanann olann. Bréid alluis: criosúir póca línéadaigh nó a lithéid. Nuair bhítheas ghá adhlacadh cuireadh bréid chiartha air: éadach túmtha i gcéir. Tá na sléibhte fé bhréid (ceóidh): tá ceódh nó smúit ortha. Ó ná glacfá cómhairle do leasa bíodh do bhréid agat: imthigh ar do thoil féin. Bréid fhada thalmhan cois farraige seadh í dhá mhíle ar faid: stráice nó leirg. D'éirigh an fharraige n-a bréid os cionn na luinge: n-a tonn mór, árd, fada, righin. Ghaibh na bréideanna farraige lastuas den mbád: tonntacha troma atuighthe. D'árduigh an splannc croiceann na talmhan leis n-a bhréid: n-a scraith, mar bhéarfá lomra caorach. Cuirtear an bhréid fén mbád, tá gaoth a dóthain aice: na seólta nó an anairt ar fad. Thug sí trí bliadhna i mbréid dhuibh tréis bháis a fir: in éadach éagcaointe. Is maith í do bhréid, a chara: tá éadach breágh, slachtmhar ort. Bréid ar bhréid thoigheadar an talamh ar lorg óir: thócadar an talamh 'n-a chuid a's 'n-a chuid ag lorg.

bréidín: *f.4.* éadach a déintear a bhaile gan a bheith úchuighthe. Cuir culaith bhréidín ort féin: culaith den éadach san. Bréidín féir: sraith bheag fhéir.

bréid-leathan: *a.* go bhflúirse seól. Long bhréid-leathan ag rith roimis an ngaoith: long agus a coisce seólta uirthe.

bréigbhreith: *b.2.* breitheamhnas, éagcórach; tuairm neamhcheart. Tugadh bréigbhreith air: daoradh in éagcóir é. Bréigbhreith dhuit a rádh gur b'é sin ciall atá leis an bhfocal so: tuairm neamhcheart, ní h-í sin an chiall cheart leis.

bréigdhealbh: *f.1.* dealbh, crot, cuma, nó deallramh ná bíonn fírinneach nó ceart. Tháinig sé chugham i mbréigdhealbh: éadach nó deallramh air nách gnáthach leis ghá chur féin as aithne.

bréige: *b.4.* neamhdhearbhacht, neamhfhíor, neamhcheart, neamhdhlistineach. Ná creid aon scéal uaidh, fear bréige seadh é: ní h-é an fear é a leigeann sé air atá ann, duine eile ar fad. Chuir sé fear bréige n-a sheasamh i lár guirt chun fuatha na háite do chur ar éanlaithibh an aoir: gléas déanta i bhfeirm duine. Bíonn daoine bréige i bhfuinneógaibh siopaidhe: feirmeacha déanta i gcruth daoine. Fuaireas beart bréige tríd an bpost indiugh: cuma aon bhirt air ach gan faic istigh ann. Nuair léimeann éan guir ón nid cuireann sé neamhchumas eitill air féin chun duine do mhealladh ón nid, sin neamhchumas bréige, bíonn sé ag dúmas goirtighthe nó máchaille. Fuairtheas éadach an fhir ar phort na h-abhann, agus scríobhnóireacht go raibh sé ar tí a bháidhte, rud nár dhéin – chun na ndaoine do chur amugha: bás bréige dob eadh é.

bréigriocht: *f.3.* deallramh neamhdhearbh, gléasadh chun duine nó rud do chur ar malairt dheallraimh. Nuair bhíonn buachaillidhe ag gabháil tímcheall leis an ndreóilín bíd i mbréigriocht: bíonn balcaisidhe a's aghaidh fidilidhe nó rudaidhe ceilte eile chun iad do chur as aitheantas na ndaoine. Cuireann bleachtaire é féin i mbréigriocht d'fhonn a's ná fionnfí gur bleachtaire é. D'fhonn na gcos do thabhairt leis ón namhaid chuaidh sé i mbréigriocht sagairt: chuir sé éide sagairt air féin.

breill: *b.2.* (**breidhill**) béal míochúmtha, pusa bolgtha. Tá breill ag teacht ar an leanbh: tá cuma an ghuil ag teacht ar a bhéal. (Aithchiall) Imthigheadh an bhreill díot: cuir uait an chuma mhíoshásta. Ní theastuigheann fear breille in ao'chor uaim: fear go mbíonn do shíor agus fonn míoshásta air nó a bhíos deacair d'iondrabháil.

breillice: *f.4.* tuathalán; duine go mbíonn lán fé; duine a leigeas air eólas mór do bheith aige. Níor dhéin breillice mar é a ghnóth riamh i gceart: tuathalán ná cuireann roimis a ghnóth do dhéanamh mar is cóir. Ná bíodh aonne ag éisteacht leat, a bhreillice, ar mhéid do shaidhbhris, táir chómh bocht liom féin: ag cainnt mar bheadh duine gan chiall. Féach an t-éadach galánta atá ar an mbreillice: ar an nduine teasbánach gan bhlas.

breilliceáil: *b.3.* ag déanamh amadáin de dhuine féin. Ag breilliceáil cainnte mar sin duit ní maith liom thu ar rudaidhibh ná fuil aon eólas agat ortha: ag déanamh amadáin díot féin. Breilliceáil chainnte: cainnt gan bhun.

bréine: *b.4.* (**bréineacht**) mus lobhtha, bréantas. Lé bréine na h-áite ní shuidhfinn ann: leis an mboladh mío-chumhra. Níl faic ar fuaid an tighe ach bréine de cheal a ghlanta: salachar a's boladh.

breis: *b.2.* earrasbarr; an barr a thagas ar airgead i mbanc; tuille; méadughadh. An bhfuil breis agus púnt agat orm?: níos mó ná púnt. Tá breis agus bliadhain ó chonnac é: níos mó ná bliadhain tréis breis mhór agus fiche bliadhain do chaitheamh san Oileán Úr tháinig sé abhaile: go hárd os cionn. Bíodh foidhne agat, raighimíd i mbreis: tiocfaidh a thuilleadh ar ár líon. Chaitheas coighcíos agus breis ar an dtigh sin ghá chur i gcóir: laetheanta i dteannta an choighcís. Tá dhá bhliadhain de bhreis agam ort: táim dhá bhliadhain níos sine ná taoi. "Céaca is fearr d'fhear Seán nó Séamas?" – eatartha féin atá sé, ní mór sa mbreis (de bhreis) ag aonne aca ar a chéile. "Connus tá an duine breóidhte indiugh?" –

“tá breis fheabhasa air”: tá sé i bhfad níos fearr. Is eagal liom go raibh breis dighe caithte aige: an iomad. D’ith sé breis agus ghoill sé air: níos mó ná mar budh cheart do. Tá ciall agam ’e (de) bhreis ort-sa: i gcómháird leat-sa, rud na fuil agat-sa. “Cad tá agat?” – “coróin” - “tá scilling bhreise agam ort, tá sé scillinge agam”. Beir leat maide rámha breise ar eagla go mbriseadh ceann: beir leat ceann nách bhfuil gnó dhe ar an láthair. Ní h-aon bhreis liom lá oibre do thabhairt duit: ní tuigtear dom gurb aon chur-siar orm é. Tá breis ortha sa tigh ó airéir: tá clann óg (bunóc) ann. Ní dheaghaidh breis ná luighead ort lé fada: an toirt chéadna atá ionat anois agus a bhí. Bheadh breis iontaoibhe agam asat mara mbeadh nár chóimhlíonais do gheallamhaint cheana liom: budh mhór go mór m’iontaoibh asat mar a mbeadh san. “Is sia an lá ’ná an oidhche an taca so de bhliadhain” – “ní mór dá bhreis”: is beag í an fhaid. Ní fiú an bhreis d’áireamh: ní fiú trácht air. Cuir breis bheag eile leis an scéal: aduigh fíorbheagáinín leis. Chaith sé braon sa bhreis nuair fuair sé in aisce é: braon a bhí thar a chumas d’iomchar. Is minic a bhí breis fén bhfiacail aige: an iomad ólta. Ná bíodh breis cainnte agat agus éireóchaidh níos fearr leat: dhéanfá níos fearr gan oiread san cainnte. “Breis ar do láimh”, a chara gan cháim: go raibh an rath ort. Lánamha nár tháinig aon bhreis riamh ortha dob eadh iad: beirt gan chlainn. Fuairis an bhreis agus mise an mheath: an chuid budh mhó. Á! tabhair breisín dom: cuid bheag, bhíoganach. Deineann mo chos bheith briste i dteannta mo láimhe breis oilcis ar mo scéal: is mór gur measa me dá dheascaibh.

breiseamh: *f.1.* glór nó torann lé linn rud do thuiteam a’s do bhriseadh. Chuala an breiseamh nuair thuit na háraistidhe ar an úrlár: an glór do rinneadar.

breiseamhail: *a.* ar aiste bheith ag dul i méid, ag dul i rathamhnachas; líonmhar, sleachtmhar. Talamh maith breiseamhail atá aca: a thugas barraidhe agus toradh maith. Mhéaduigh an treabhachas mar bhí mianach breiseamhail ionta: rathamhail maidir lé clainn.

breith: *b.2.* d’iomchar, do thabhairt, do thoghadh, do shaoghalughadh; teacht ar an saoghal, eascar; d’fhagháil, do theacht ar, do chur, do throid, do bhuadhadh, d’fhuadach, do chómhaireamh. Ag breith an ualaigh dom do ghoirtigheas me féin: ag iomchar an ualaigh. Caithfead mo shaoghal ag breith buidheachais do Dhia go dtána saor ón gcath: ag tabhairt etc. Ní raibh ar bhreith dhom gan dul isteach mar ná fágfí amuigh me: ní raibh aon rogha dhom. Ag breith gamhna don mbuin ní bhfuair sí aire cheart: ag saoghalughadh gamhna. Níl aon bhreith agam ar leitir do scríobh, táim chómh cúramach san: níl aon fhagháil (eaga) agam air. Is fada fós bheidh breith ar phósadh agat, nách mór an deabhadh atá ort agus gan tú ach fiche bliadhain: am go leór. “An bhfuil ocras chun bídh ort?” – “má tá féin, tá breith agam air”: ní misde liom moilliughadh. De ló agus d’oidhche ar saothar gan breith ar a anáil aige: ní mór go dtugann sé eaga dhó féin a anál do tharang. Tháinig an tinneas chómh dian san air ná raibh breith aige ar a anáil: ní raibh sé ar a chumas é do dhéanamh. Bíonn na cearca ag breith go tiugh san Earrach: ag cur ubh uatha. An bhfuil sé ag breith na gcos fós leis? an bhfuil sé ag éalughadh ó n-a namhaid (má tá sé ar teicheadh); an bhfuil sé ag éalughadh na dlighe? (má tá coir déanta aige); an bhfuil sé ag éalughadh ón mbás? (má tá sé aosta nó an-bhreóidhte); an bhfuil sé chun tosaigh? (má tá sé i gcomórtas nó in iomarbháidh). An bitheamhnach dob fhada ag breith na gcos leis é: tá beartha air dá fhaid do rith leis. Ní ghá bhreith as so é is olc an duine é: eadrainn

fein, gan bheith ghá leathanughadh air, gan bheith ghá dhaoradh laistiar de é. Rás maith go dtí so dob eadh é ach anois tá an capall dubh ag breith ón gcapall donn: ag imtheacht níos sia chun cinn uaidh. Ná bí ag breith orm chómh cruaidh sin: ná bí ghom ghreamughadh. Ag rith ar mo dhícheall d'iarraidh beartha ar an dtraen: a bheith in am chun dul uirthe. Bíonn an ghaoth ag breith na slinne den dtigh, mar níor cuireadh suas i gceart í: ag fuadach. Daoine anbhocht seadh iad gan talamh, gan obair, níl breith ar scilling aca: teacht ar nó fagháil. Níl aon bhreith agat ar an bhfear san, léimfeadh sé sé troighthe ar aoirde, ní léimfeá cheithre throighthe: nílir i dtánaiste dho, is fada uait bheith chómh maith leis. Ní raibh aon bhreith chun dórnála ag éinne ar Sheán Ó Díomsaigh lé n-a linn: b'fhada ó aonne bheith chómh maith leis. An bheirt inghean atá aice táid ag breith bráighe ar a chéile lé háilneacht: ag dréim lé chéile. Tá breith agat air lé rith, ach níl aon bhreith agat air lé neart: rithfeá chómh maith leis, ach níl an neart céadna ionat. Tháinig breith idir lámhaibh chugham: is chugham isteach do tháinig an imirt (chártaidhe): is me an duine deireannach go raibh cead imeartha aige. Rug na báillidhe orm ag breith ar bhradán sa pholl san: ag fagháil greama air (lé líon, nó ar aon tslighe eile). Ná bí ag breith breithe ar aonne, ní fheadrais cé bheadh ag breith breithe ort féin: ag tabhairt breithe. Soláthraidhe maith dob eadh é, bhíodh sé i gcómhnaidhe ag breith chun an tighe: ag bailiughadh chun cothuighthe an tighe. As t'óige bí ag breith chun na nide: ag cur i dtaisce i gcóir na seanaoise. Ná bí ag breith amuigh orm gach uair osclaim mo bhéal: ag faire ar locht d'fhagháil orm. Ag breith isteach ar a chéile dhóibh do thuiteadar araon: lé linn doibh bheith d'iarraidh greim daingean, dlúth d'fhagháil ar a chéile. Tá an lá ag breith as go maith: ag leanamhaint do bheith ag fanacht breágh gidh go mbíonn drochchuma air. Dia ghá bhreith dhom go bhfeicead an lá go mbeidh mo thír saor: go dtugaidh Dia. Bí ag breith chughat féin, tá an máighistir ag teacht agus gan do cheacht saothruighthe agat: bí ar t'aire agus seachain tú féin. Nuair chonnac an tarbh ag déanamh orm a's gan aon tslighe teichte agam do bhíos ag breith chugham, creid me: do bhí eagla mo chroidhe orm. Sléibhte Chill Áirne ag breith bárr ar a chéile: ní fios céaca is áilne dhíobh.

breith: *b.2.* cinneadh do dhéanamh ar aon rud; cúis dlighe cuir i gcás; feart cinnte go fírinneach; eagnaidhe, cliste, an cinneadh do thugann breitheamh ar choirtheach nó duine go gcuirtear cúis nó coir 'n-a leith; dán. Fuair sé breith a bhéil féin: an rud do mhol sé féin do féin. Sé breith aithrighe thug an sagart air dhá choróin do rádh: an pionús do cuirtear ar dhuine tréis faoisdine. Tugadh breith na fírinne air é do chrochadh – nár mhairbh sé féin fear? an díolaidheacht cheart a bhí tuillte aige. Cuireadh de bhreith air í do phósadh: cuireadh san de phionús air, cuireadh de chuing air. Cuir do bhreith orm i dtaobh imeartha thar láimh: cad é an rud a chaithfead do dhéanamh a shásóchaidh thu? Tugadh breith bháis air i dtaobh marbhtha a mhná: daoradh chun báis é. Lá na breithe: lá na ndeór: an lá deireannach nuair tréalfar ar saoghaluigheadh riamh i dtaobh a mbeart 'sa mbeatha.

breitheamh: *f.1.* duine a riaras dlighe; réidhtightheóir achrainn; duine cliste ar mholadh. Comhthrom do dhéanamh, nó ar aon rud do mheádh dréir a luacha. "Ní breitheamh ar dhathaibh dall": ní fhéadfadh sé iad d'fheicsint agus mar sin ní bheadh a fhios aige. Breitheamh chómh cóir agus shuidh ar bhinnse riamh: riarthóir fírinneach dlighe. Breitheamh maith ar shaoirseacht seadh é, is iomdha lá leis an gcéird é: d'aithneóchadh

sé tógáil dréir a feabhasa nó a holcais. Déanfaimíd breitheamh díot ar ár n-achrann: déanfaidh sinn ceann réidhtigh díot chun ár gclampair do shocrughadh.

breitheamhnach: *a.* ag tabhairt breithe an-dhian ar shaothar liteardha nó aon rud ealadhanta; beadaidhe; anchruinn ag tabhairt molta ar aon nidh. Ná bí chómh breitheamhnach ar rud atá dhá fhagháil in aisce agat: ná bíodh an oiread san fonn lochta ort. Bíonn lucht an pháipéir sin an-bhreitheamhnach ar aon scríobhnóireacht do cuirtear chúcha: scrúduighid go beacht é. Aonr ud ag baint lé riar na dlighe.

breitheamhnachas: *f.1.* breith, réidhteach dréir dlighe nó cirt. Cad é an breitheamhnachas a tugadh ort: cad tá ort do dhéanamh nó d'fhulang (má tá faic) de thoradh tásdála do chúise. Ní beag duit de bhreitheamhnachas aithrighe a bhfuil d'obair ort: is é do dhóthain de phian é gan a thuilleadh d'fhulang. Tugadh saorbhreitheamhnachas air: scaoileadh leis gan aon fhulang i ndíol an ruda gur cúisigheadh leis é. **Breitheamhantas, breitheamhnas** an céadna.

breódhadh: [**breodhadh**] *f.* (*-óidhte*) lagughadh, gan bheith ar fóghnamh, crádh. Cuireann an iomad bídh breódhadh ar dhuine: cuireann an tsláinte bun-os-cionn. Is fada ag breódhadh é gan a fhios d'aonne: ag lagughadh cheal sláinte. Tá an croidhe dhá bhreódhadh aice ón a clainn: dhá chrádh innte.

breódhaim: [**breodhaim**] *b.a.* $_7$ *n-a.* laguighim, déinim breóidhte; breóidhtighim, géirleanaim ar; téidhim ar gcúl; feódhaim. Breódhaim ó bheith ag léigheamh scéalta claona i dtaobh mo thíre: tagann breóidhteacht orm uatha. Do bhreóidh a síorchnáimhseán me: do laguigh a's do chráidh sé me, do bhuaidhir sé me. Do bhreóidh an fharraige um thráthnóna: do tháinig droch-dhath uirthe, d'atharuigh sí, tá sí beag, atuighthe. Breódhann gach aon tsaghas adhmaid leis an aois: feódhann le h-aois.

breóidhte: [**breoidhte**] *a.* gan bheith ar fóghnamh, in éiglidhe, i bpian. Duine breóidhte seadh é: duine nách bhfuil ar fóghnamh. Farraige bhreóidhte seadh í: atuighthe, bolgtha, drochdhathach. Duine tinn breóidhte atá ionat: róbhreóidhte, gan bheith go maith in ao'chor. Buaileadh breóidhte me: tháinig rud éigin orm do chuir mo shláinte bun-os-cionn. Táim meathbhreóidhte ón ól: cuibheasach breóidhte. Bíonn mórán daoine breóidhte in ósbuidéal: cuid mhaith othar. Tá an charraig breóidhte go maith ó bheith ag gabháil uirthe leis an órd: suaidhte, ar tí briste. Táim breóidhte agat ó bheith ag éisteacht leat: ciapuighthe, cortha. Rinne capaill breóidhte é, níor bhuaidh sé aon rás amháin an lá san: chlipeadar é.

breóidhteachán: [**breoidhteachán**] *f.1.* duine nó ainmhidhe ná faigheann sláinte mhaith. Cé chuirfeadh fé thuairm an bhreóidhteacháin go mbeadh an oiread nirt ann?: cé shaoilfeadh, a's an easláinte bhíonn air, go mbeadh sé chómh láidir sin? An dóigh leat go dtabharfainn chúig phúint ar an mbreóidhteachán con san? cú ná fuil cuma lúthmhar ná tapaidh uirthe.

breóidhteacht: [**breoidhteacht**] *b.3.* ceal sláinte. Chuir an drochúsáid breóidhteacht throm air: an saoghal cruaidh dian do fuair sé thug sé sláinte an-olc do. Chuirfeadh an

biadh sin breóidhteacht ar an té ná beadh aon bhreóidhteacht air: thabharfadh sé drochshláinte don té go mbeadh sláinte mhaith aige. Bheadh breóidhteacht ort ag féachaint air ag obair: trí cheal eólais oibre thiocfadh míoshásamh ort. Tagann an bhreóidhteacht mhór air go minic, Dia idir sinn agus an t-olc: tuiteann sé i gceann a chos gan aithne gan úrlabhra. Tá breóidhteacht ar an lá indiugh: atharughadh aimsire ar olcas.

breóidhteamhail: [**breoidhteamhail**] *a.* do dhéanamh breóidhte, bheith breóidhte. Rud breóidhteamhail seadh an iomad bídh do chaitheamh d'aon bhéile: bheadh duine breóidhte 'n-a dhiaidh. Duine breóidhteamhail le fada é: gan puinn sláinte.

briathar: *f.1.* focal, rádh. 'Ambriathar agus ambasa féin ('ambriathar féin) ná tabharfainn leabhar éithigh ar son aonne: dar m'fhocal agus mo lámh ná déanfainn. Thugas mo bhriathar mhóide dhó go gcabharfainn leis: mo gheallamhaint stuamdha, dubhart go láidir leis go etc. 'Ambriathar (féin) ná raighead abhaile anois, ní h-aon mhaith bheith ag tafant orm: deirim go láidir é, ná bíodh aon dearmhad ort 'n-a thaobh. Ní chothuigheann na bréithre na bráithre: ní mhairfeadh lucht eaglaise ar a gcuid ráidhte, ní fuláir dóibh biadh chómh maith, "is fearr obair ná cainnt". Thug sé a bhriathar dom go bhfanfadh sé liom: a gheallamhaint. "Ambriathar mhuise", deirtear so i dtúis cainnte go mbíonn malairt tuairme innte leis an rud a bhíos ráidhte nó déanta. 'Ambriathar Mhuise, dá mbein-se deich mbliadhna níos óige ná beadh aonne ag magadh fúm: creid uaim sin. Ní raibh briathar dár labhair sé a thaithnigh liom: focal, rádh ná abairt uaidh níor mhaith liom. Dá mbeadh sé dréir a bhréithre ní h-annso bheadh sé: dá ndeineadh sé gníomh mar labhrann sé. Bíodh an briathar bog agat i gcómhnaidhe: ná bí dian id chuid cainnte: bí subháilceach: bíodh focal cneasta agat ar aon ócáid. Tagann bréithre meala uaithe nuair labhrann sí liom: cainnt líomhtha: cainnt shéimh, ghrádhmhar. Éist le bréithribh Dé dhá labhairt leat: seanmhóin. Bréithre ró-mhilis dom iad so: cainnt ró-bhladardha ar fad, ag tafant coidrimh orm, nó iarracht ar mé do mhealladh. Cad é an briathar é siúd do chaith sé leat do chuir olc ort? cad é an rádh? Bíodh muinghin agat as, fear lé n-a bhriathar seadh é: cóimhlíonfaidh sé a gheallamhaint. Is iongtach an fear bréithre é, níl aon rud ná go gcuirfeadh sé trí chéile: fear go mbíonn cainnt chiallmhar aige ar aon adhbhar cainnte. An dtabharfá do bhriathar dom leis gur fear ó Thráighlí é sin? an bhfuilir deimhnightheach gur b'eadh. Thabharfainn mo bhriathar gur tu chonnac in Áth Cliath indé: leabharóchainn, mhóideóchainn leis, bhíos chómh dearbhtha san de. Creid mo bhriathar-sa thar aonne eile: is cuma cad deir aonne eile, is mise an té chun muinghine do bheith as a fhocal. Tá bréithre binne aca ag geallamhaint tighthe nuadha dhúinn: budh dhóigh leat ar a gcuid cainnte go ndéanfaidís beart iongtach ach stadann sé ar chainnt is baoghalach. Do mheall bréithre binne mo ghrádha me: cainnteanna taithneamhacha, séimhe.

briathardha: *a.* foclach, úrlabhrach. Má thugann tú cainnt bhriathardha uait ní éisteóchaidh aonne annso leat: cainnt rófhada. Go briathardha fuaireas an scéala, ní scríobhtha: ó bheal dhuine éigin. Ná bí milis-bhriathardha: plámásach.

bríc: *b.2.* saghas saordha cloiche déanta de ghnáth de chineál áirighthe cré ar n-a fliuchadh agus do chumadh, do mhúnlughadh agus do chruadhadh go ceárnach; ballóg aráin ar dhéanamh bríce. Cheannuigheas bríc aráin ar réal: ballóg cheárnach aráin. Bríc

mheala: cír mheala. Caitheadh bríc chloiche liom: cloch thoirteamhail gan bheith cruinn. Cómhnuighim i dtigh bríce: tigh déanta de chlochaibh bríce (saordha).

brídeach: *b.2.* maighdean, bean nuadhphósta. D'fhiosruigheas den mháthair cá raibh a brídeach: a h-inghean. Do ghaibh sé a bhrídeach go galánta: a bhean nuadhphósta.

brídeóg: *b.2.* maighdean, óigbhean, masclach. Is ionmhain liom mo bhrídeóg: tá grádh agam dom chailín. Is minic do chonnac scata brídeóg ag rinnce ar an láthair chéadna: mórán ógbhan. Cé h-í an bhrídeóg?: an cailín atá gabhtha chómh galánta. Deirtear so go minic lé seanbhlas.

brídeóg: *b.2.* íomháigh Naoimh Bríghde. Gabhtar tímcheall léi ó thigh go tigh lá Fhéile Bhríghde, ag bailiughadh.

brigh: [**brígh**] *b.2.* neart, cómhacht, lúth, fuinneamh, buaidh, éifeacht, scabhárd, gus; ciall. Níl aon bhrigh id bhuille, ní bhraithim é: níl aon neart ann. Tá an chú san gan bhrigh, ní bhéarfadh sí ar ghirrfhiadh ná ar choinín: níl aon lúth innte. Níl aon bhrigh ionat ná féadfadh é sin do dhéanamh: níl aon chómhacht it iarrachtaidhibh. Duine gan bhrigh seadh mé ón lá briseadh mo chos: níl ionam faic do dhéanamh. Imthigheann an bhrigh as an nduine leis an aois: imthigheann an neart as. Tá an bhrigh imthighthe as an dté, tá sé déanta rófhada: níl aon neart ann. Anois atá brigh léd chuid cainnte: éifeacht, táir ag labhairt go ciallmhar. Biadh gan brigh seadh teornapaidhe: níl aon scabhárd ionta. Is mó an bhrigh atá i gcoirce 'ná i seagal: scabhárd: is feárr lé n-itheadh é. Bhain an bháisteach an bhrigh as an síol: an neart: do lait sí é. "Dá mbeadh brigh ins na mairbh", deirtear so nuair chuireann rud éigin a deirtear nó a deintear i gcuimhne dhuit duine éigin atá ar shlighe na fírinne, a's go ndéanfadh sé rud éigin n-a thaobh dá mbeadh sé beó. Mo shlán chughat, a Phiarsaigh! dá mbeadh brigh ins na mairbh, is tú labharfadh go cródha indiugh. Bíonn brigh éigin i bpíp seachas toitínidhe: maitheas éigin etc. Cuireann biadh maith brigh i nduine: neart agus fuinneamh. Ní h-aon bhrigh dhom dul abhaile anois, táim ró-dhéidheanach: ní h-aon mhaitheas dom é. Cad é an bhrigh do bhainis as an bhfocal san, tá sé ró-dheacair domh-sa? cad é an chiall? Cad é an bhrigh bhainir as an scamall bán san thuaidh? cad é an ghoilleamhaint bheidh aige ar an aimsir? Cad é an bhrigh atá agat lé suidhe annsan seachas aon áit eile? cad tá ar t'aigne? cad é an chiall? Bíonn brigh an domhain i mbeathuisce maith: scabhárd mór: deoch mhaith seadh é. Cad é an bhrigh bheith ag cainnt anois, tá an fear marbh? cad é an mhaith bheith ag cur a's ag cúiteamh dá ndéintí so nó súd faid bhí sé beó. Cad é an bhrigh an saoghal cráidhteach so? cad tá buaidhte ag an nduine leis? Gheibhim brigh id chainnt: bainim ciall aiste, dar liom gur cainnt í go bhfuil deallramh léi. De bhrigh nár dhíolais do shíntiús ní leigfear ar an rinnce thu: toisc nár dhíolais é etc. De bhrigh go rabhas ann agus a fhios aca gur cáirde sinn ní dubhradar focal: mar gheall ar me bheith ann. Bíonn cluiche mór daoine ar an árdán i gcóir thraen na maidne, dá bhrigh sin, bí ann in am d'fhonn suidheachán d'fhagháil: mar gheall ar an nidh seo bí etc. Dar bhrigh mo mhóide duit éistigheadh liom: de chómhacht, de mhaitheas mo dhearbhuighthe etc. Níor deineadh ach brigh bheag dem athchuinghe: ní raibh aon mheas ar m'ímpidhe aca. Ná bí in ísle bhrighe mar gheall ar t'ionad do chailleamhaint, gheóbhair slighe eile: ná bí dubhach, claoidhte. Níl an bhrigh chéadna leis an dá scéal: ní réidhtigheann siad lé chéile. Dá mbeadh aon bhrigh ionat ní scaoilfeá thart

cao mar í sin: dá mbeadh aon chríochnughadh, nó machtnamh chun do mhaitheasa ionat. Cuireann gloine mhaith bheathuisce brigh i nduine nuair bhíonn sé suaidhte tréis oibre nó ceal codlata: músclann sé a spirid 'sa mheanma. Éistimís, níl brigh n-ár scéal: ní h-aon mhaith dhúinn bheith ag cainnt feasda.

brille: *f.4.* duine tuathalach, liobarnach. Féach an tslighe do scríobhais é sin, a bhrille, ní léighfeadh aonne é: an tslighe thuathalach gan slacht.

brilléis: *b.2.* cainnt gan bhun, cainnt nách féidir do thuigsint, cainnt díomhaoin, a lithéid de chainnt agus bhíonn ag leanbhaidhe beaga agus iad ag gabháil dá mbréagánaibh. Caith uait an bhrilléis a's labhair go dtuigead thu: cainnt gan bun. Tháinig speabhraoidhe air i ndeireadh na hoidhche a's níor thuigeas an bhrilléis a bhí ar siubhal aige: cainnt dhoiléir ná raibh i riar. Brilléis í seo ar na páipéaraibh i dtaobh cogaidh eile, mar ná fuil a fhonn ar aonne: cainnt dhíomhaoin, ní bheidh cogadh ann. Brilléis leis féin atá ag an leanbh san: ní thuigeann aonne é ach é féin. Níor bhaineas aon tát as an mbrilléis a bhí aige, bhí sé ar meisce: cainnt ná déanfadh ciall, nár lean a chéile. Táthaoi lé chéile, a mhná, bíonn brilléis éigin ar siubhal agaibh i gcómhnaidhe: i gcuideachtain a chéile dhíbh, bíthí do shíor ag cur rudaidhe a's daoine trí chéile.

brínleach: *b.2.* blodhtacha beaga, mionramh. Deineadh brínleach den bpláta ar an dtalamh: blúiridhe beaga. Caitheadh an bád ar an gcarraig n-a brínleach: mionramh.

briogadán: *f.1.* plannda beag inithte mara a fhásas 'n-a scaoith ar cheann na feamanaighe; scolb adhmaid nó siúirdín tuighe a sáidhtear sa teine chun a dheargtha agus annsan a castar tímcheall go mear go dtaidhbhsigheann ag déanamh boighsín sláin os chómhair súl leanbh óg go gcuireann iongadh ortha.

briogaire: *f.4.* duine a bhíos ag cur isteach ar chúram dhaoine eile. Nách mór an obair, a bhriogaire, ná tabharfá aire dod chúram féin? Leig dom, a bhriogaire, déanfad mo ghnóth féin gan aon chabhair uait-se ná ó aonne eile: a dhuine atá ghom chiapadh, ná bí ag baint lé rud ná baineann leat.

briogaireacht: *b.3.* cur-isteach ar dhaoinibh, ag baint lé rud ná baineann leat; ag ciapadh. Beir ag briogaireacht ar an gcneadh sin leis an mbiorán go ndéanfair díobháil di: ag teangbháil léi. Stad ded chuid briogaireachta orm nó buailfead thu: muna staonair de bheith ghom chiapadh. Beir ag briogaireacht ar an ngadhar go mbeiridh sé ort: ag gabháil de, ag teangbháil leis etc. Ag briogaireacht leis an sciain do do gheárr sé é féin: ag útamáil léi. Thug sé uair an chluig ag briogaireacht orm go raighinn in aonfheacht leis: ghom ghríosadh chun dulta leis.

bríoghach: *a.* éifeachtach, scabhárdach; lúthmhar, fuinneamhail. Sin obair bhríoghach déanta agat: curtha go ceárdamhail lé chéile agus buantseasamhach. Deoch bhríoghach seadh leamhnacht, níl aon rud ag dul i ngoile duine is feárr 'ná é: scabhárdach, folláin, sláinteamhail. Ainmhidhe bríoghach i gcois seadh an girrfhiadh: lúthmhar, tapaidh, mear. Ní rabhamair i bhfad ag teacht fé sheól, bhí gaoth bhríoghach linn: gaoth fhuinneamhail.

bríoghmhaireacht: *b.3.* éifeachtamhlacht, buaidh na brighe. Mara mbeadh bríoghmhaireacht gnótha do bheith ann ní éireóchadh leis san áit bhocht san: éifeachtamhlacht. Lé bríoghmhaireacht a comair do sheasaimh an Ghearmáin chómh fada: gach nidh déanta go h-éifeachtamhail, meáidhte, tuigthe. Lé bríoghmhaireacht an leighis thána chugham féin dá olcas do bhíos: lé n-a fheabhas.

bríoghmhar: *a.* léidmheach, lúthmhar, tapamhlach; scabhárdach. Deoch bhríoghmhar seadh té te nuair bheadh fuacht ort: deoch anamamhail. Is truagh ná bíodh biadh bríoghmhar ag an bhfear bocht nuair bhí sé óg budh láidir an fear a bheadh ann: biadh go mbeadh scabhárd ann. Fear bríoghmhar seadh é, féach a mbíonn de ghnóthaidhibh ar siubhal aige in aonfheacht: fear a ghnidheas mórchuid agus a thoradh aige. Níl aon amhras ná gur bhríoghmhar an chainnt a thugais uait: cainnt a chuaidh n-a luighe ar do lucht éisteachta. Fuair an rón buille chómh bríoghmhar san gur marbhuigheadh é: chómh trom, éifeachtamhail sin etc. Rámhaidheacht bhríoghmhar do bhuaidh an rás dóibh: go raibh neart, fuinneamh agus cur chun cinn innte. Ní dhéanfainn aon amhras ded ghéagaibh bríoghmhara an t-ualach san d'árdach: neart agus buaine ionta.

briogún: *f.1.* dola beag caol, éadtrom d'iarann nó d'adhmad chun feóla do ghreamughadh agus do choimeád in ionad. Bíonn bir a's briogúin ag brothaire. Chuirfeadh sé ar briogún thu le gráin: chéasfadh sé thu: ní bheadh aon truagh aige dhuit, duine chómh drochaigeanta san seadh é.

briolla: *f.4.* cnapán; duine aimideach. D'ith sé briolla mór ime: cnapán. Éist, a bhriolla (amadáin): a dhuine nách bhfuil ciall léd ghlór. Tá briollaidhe ime ag snámh ar fuaid na bláthaighe: cnapáin nár tháithigh lé n-a chéile.

briollabhrealla: *f.4.* cainnt gan fuaimeant, gan riar, gan éifeacht, suainseán díomhaoin. Déanfair briollabhrealla den scéal ar an bhfuadar atá fút: laitfir san aithris é. Níor chuala riamh agat ach briollabhrealla: cainnt nó scéal iontsuime níor airigheas riamh uait. Bíonn briollabhrealla an domhain ar an bpáipéar mar gheall ar an nGaedhealtacht: iomad cainnte gan tagairt chruinn ná ceart di. Ní raibh mná riamh gan bhriollabhrealla éigin ar siubhal aca: cainnt gan éifeacht; bíodán. Tráth amháin bhíomair anmhuinnteardha lé chéile, thuiteamair amach lé n-a chéile ar bhriollabhrealla éigin cainnte: cainnt nár bhfiú trácht uirthe. Nuair bhíos ag cainnt ar an gcraolachán ní raibh im chuid cainnte dom lucht éisteachta ach briollabhrealla: ní raibh sí léir aca. Cad é an bhriollabhrealla atá ort leis an leabhar san? ná h-osclófá é agus é do léigheamh? cad é an útamáil atá ort? Ó rugadh an duine bocht ní raibh aige ach briollabhrealla: ó saoghaluigheadh é tá sé balbh nó doiléir n-a úrlabhra. Tá an chúis n-a briollabhrealla eatartha: chómh casta san gurb an-dheacair í do réidhteach.

briosc: *a.* soibhriste, leóchaileach; fial, féitheamhanta, sothoiltheamhail, tapaidh, cliste. Talamh briosc seadh é féach mar bhriseann sé roim an gcéachda: soibhriste, gan bheith righin. Seachain an leanbh san, tá cnámha briosca fé: cnámha ná fuilngeóchadh puinn acmhuinne. Nách briosc an t-arán é sin? imthigheann sé n-a bhrúscar gan puinn duaidh. Bó bhriosc lé crúdh seadh í: bog, ní deacair í do chrúdh, tá sí cneasta. Fan! íocfad-sa an turus so, táir-se ró-bhriosc féd chuid airgid: ró-fhial, budh mhaith leat díol as gach

ao'nidh. Bí briosc annsan, seachain tú féin ar an ngluaisteán: bí mear, tapaidh, léim i leathtaoibh ón ngluaisteán.

briosca: *f.4.* císte beag tanaidhe aráin a chongaibheas i bhfad. Tá do chuid aráin ar nós an bhriosca: níl puinn den dtaos ann, nó tá sé chómh so-ithte lé briosca: éadtrom blasta.

brioscadh: *f.* (*-ctha*) ag éirghe soibhriste, ag dul i dtriomacht i riocht tuiteam ar a chéile (mar móin, arán, etc.). Tá an talamh ag brioscadh leis an dteas: ag scaramhaint ó chéile. Móin chómh tirim go raibh sé ag brioscadh: na fóid ag briseadh n-a gcodaibh. Tréis tamaill tháinig brioscadh sa háruistidhibh: b'fhuraiste iad do bhriseadh.

brioscarnach: *b.2.* an glór a ghnídheas gloine nó áraistidhe nuair bhrisid. "Brioscarnach seadh í, ar mh'anam!" deir bean tighe go míchéadfach nuair thuiteann a's bhriseann a cuid áraistidhe.

brioscarnach: *b.2.* aon rud a bhíos briste n-a bhlúiridhibh beaga. Cuir brioscarnach suip fés na buaibh: tuighe briste. Chonnac brioscarnach adhmaid ar snámh sa chuas: blúiridhe nó blodhtacha beaga adhmaid. Scuab amach an bhrioscarnach san den úrlár: aon rud mar arán, adhmad, gloine, áraistidhe, cré, tuighe, nó a lithéid briste go mion. Caith an bhrioscarnach san chun na n-éan: an brúscar aráin sin.

brioscbhrughain: (**brioscbhrúin**) ar aiste bheith briste go mion: blodhtacha beaga; brúscar; mionramh. Phasáil na ba an coirce, dheineadar brioscbhrúin de: cosair-easair: do laiteadar é. Chuarduigh na dubhchrónaigh an teach agus d'fhágadar n-a bhrioscbhrúin: rinneadar gach a raibh de throscán agus eile ann do leagadh as do bhriseadh. Deineann brioscbhrúin den mhóin sin nuair leagtar í: deineann cadhráin bheaga mhiona dhi. Féach an íde do thugais ar an arán dhá ghearradh dheinis brioscbhrúin de: brúscar mion, mar níor ghearrais i gceart é.

briosc-chainnt: *b.2.* flúirse den gcainnt gan iomad aire dá céill. Tá briosc-chainnt agat: tagann cainnt go bog chughat, ar an gcainnt is fearr thú a's ní ar do ghníomh.

briosc-chainnteach: *a.* tugtha do bheith cainnteach ar aon rud gur bh'fhéidir leat cuimhneamh air. Ná bí briosc-chainnteach: ná bíodh iomad cainnte agat ar eagla go scéidhfeadh ao'nidh uait gan choinne agat leis.

brioscuighim: *b.a.* $_7$ *n-a.* déinim bog, nó briosc nó soibhriste. Má fhágair an císte a thuilleadh ar an dteine brioscóchaidh sé: éireóchaidh sé i slighe agus go mbeidh sé soibhriste. Brioscuigheann móin lé breis ghréine: bíonn sí soibhriste, ní bhíonn sí chómh righin agus bhíonn leathfhliuch. Brioscuigheann uachtar arán: bogann sé é. Do bhrioscuigh an smearadh leathar mo bhróg: do chuir sé ar pléascadh nó cnagadh. Ní le cainnt do bhrioscóchair mise: a bhogfair me chun an ruda atá uait do dhéanamh.

briota: *f.4.* leoithne éadtrom gaoithe. Árduigh do sheól, tá briota maith anois: gaoth mhaith ná fuil ró-láidir.

briot-bhalbh: *a.* tut-bhalbh, ar aiste gan an chainnt do theacht go nádúrdha. Is deacair é do thuigsint tá sé briot-bhalbh: ní labharann sé go nádúrdha de bhrigh stada do bheith n-a úrlabhra.

brisce: *b.4.* ar aiste nó stáid bheith briosc, fial, caoin. Is lé n-a bhrisce briseadh é: mara mbeadh é bheith chomh soibhriste d'fhanfadh sé slán. Lé brisce na talmhan ní bhíonn an síol i bhfad ag teacht ar barra: toisc gan é bheith righin, é do bheith sothollta. Dá bhrisce bhíos leis ag tabhairt a thola dho agus gach aon rud a iarr sé orm, ní raibh sé buidheach díom: dá fhéile bhíos etc. Freagrann an garsún san go maith, tá brisce chainnte aige: tá cumas cainnte aige. Seachain an cupa san, tá brisce ann: is furaiste é do bhriseadh.

briseadh: (*-ste, iol.* bristidheacha) tuiteam as a chéile, scaramhaint, beárna, cuid, brughadh, gortughadh; tráth thosnuigheas ím ar dhéanamh den uachtar; tráth thosnuigheas an aimsir ar atharughadh ar olcas; buaidh (catha), tinnidheacht (ar chroiceann dhuine); oscailt agus scaramhaint talmhan le chéile (mar taobh chnuic); saothrughadh agus cur na talmhan chun barraidhe; tonntacha ag imtheacht n-a gcodaibh; maidhm catha; an dlighe do threasughadh; gan geallamhaint síothchána do chongbháil; iomlaoid airgid; gan bheith in acfuinn fiach do dhíol dréir bhreithe na cúirte; bréaghdadh nó oileamhaint chapaill chun oibre; scaramhaint chuinge an phósta. Is gránda an briseadh a fuair a cheann: deineadh blúiridhe de chnámhaibh a chinn. Dheineamair briseadh san bhfalla chun dorais do chur ann: beárna. Cad chuir an briseadh so sa bhfuinneóig? an scoilt nó an chnag. Níl aon bhriseadh ar an gcuiginn fós? níl uachtar ná bláthach fós ann. Budh mhór an briseadh croidhe orainn ár n-athair do chailleamhaint: budh mhór an brón orainn é. Briseadh a's brughadh ar do chnámhaibh (drochghuidhe): blúiridhe beaga, liocuighthe go ndéinidh díobh. Is minic do chuireamair briseadh catha ar Shasana: do bhuadhamair ortha i mbualadh. Nuair bhuadhadar an cluiche peile do leigeadar gáir bhriste catha: béic bhuaidhte lé h-áthas. Tá briseadh amach déanta ag lucht na gcáraidhe sráide le mí anois: scur oibre. Tháinig briseadh amach ar a ladharachaibh, an gríos nó rud éigin: rudaidhe tinne. Líonadh an bád nuair tháinig an briseadh uirthe: na tonnta a bhris. Nuair bhíonn an ghaoth agus an taoide i gcoinnibh a chéile bíonn bristidheacha farraige ann: scarann sí mar scarann nuair bhuaileann sí ar charraigeachaibh. Tá gach taobh díobh ghá áiteamh gurb é an taobh eile a dhein briseadh ar an síothcháin: a thosnuigh troid airís. An bhfuil leann dubh ar briseadh agaibh sa tigh seo? an bhfuil an soitheach tollta agaibh? Chuir sé a chuid airgid go léir i mbóithribh iarainn, chuadar san ar gcúl agus b'shin é a bhriseadh: a bhochtnughadh. Capall fiadhain seadh é, is deacair é do bhriseadh: é do chlaoidheadh lé h-obair. Tá an bhliadhain dhá chaitheamh, ní fada ó bhriseadh na h-aimsire thu: atharughadh ar olcas. Briseadh pósta dhóibh dob eadh imtheacht ó chéile: ceal coimeádta coingheall an phósta. Chuir an slaghdán trom briseadh ar mo shláinte nár thána uaidh go ceann i bhfad: scaipeadh ar feadh tamaill. Rí Séamas budh bhun le briseadh na Bóinne: ruaig catha, an lá do chur ar Éireannachaibh. An bhfuil briseadh púint agat? an féidir leat airgid mion (mar scillingidhe) do thabhairt dom air. Nár théidhidh briseadh ar do shláinte (deaghghuidhe) le linn buidheachais nó ólacháin: go raibh sláinte mhaith i gcómhnaidhe agat. Níl aon bhriseadh ar an líon tighe fós buidheachas lé Dia: táimíd go léir beó. Tá briseadh uisce annso: uisce ag teacht amach as an dtalamh. Nuair chonnac an driuch a bhí air tháinig briseadh gáiridhe orm: phléascas ar gháiridhe fén gcuma ait a bhí air. "Brisfir an pláta san mara dtugair aire dho" – "briseadh

gan slánughadh agat air! táim bodhar agat leis": gura fíor duit agus gura b'é a dheireadh é. Féach na bristidhe (bristidheacha) atá ar thaobh an chnuic tréis an gheimhridh: an chré dhearg lé feicsint, uachtar na talmhan sciobtha chun siubhail ag tuiltidhibh. Ná tagadh aon bhriseadh ar bhur mbuidhin: ná cuirtear aon bheárna easaontais ionaibh, fanaidh dílis dá chéile. Cuireadh an briseadh as an scoil air: cuireadh chun siubhail ó n-a chuid oibre nó as a ionad é. Níl an leanbh aosta a dhóthain fós chun bheith ag briseadh fiacal: ag fás go gobadh dhóibh.

brisim: *b.a. 7 n-a.* scaraim nó roinim le cómhacht nó éigean (mar téad, maide, gloine, áras etc.) fíoghardhacht, scaraim, deascaim ó chéile, scaoilim (cómhgas, muinnteardhas), géilleim (do namhaid), millim, laguighim, claoidhim (spirid dhuine); oilim do ghéillsine (brisim capall); scríobaim nó gearraim (mar an croiceann); treasuighim coingheallacha daingin, an dlighe, nó geallamhaint; beirim ar deireadh do chur lé (droichbhéas); innsim nó tugaim céadfhaisnéis scéil; scaraim cuid (d'airgead, scaoth). Bhriseadar an pósadh: scaradar ó n-a chéile. Briseadh an cleamhnas eatartha: an margadh pósta a bhí eatartha cuireadar deireadh leis. Brisfeam an doras so muna n-oscaltar dúinn é: scarfam a mháillidhe ar a chéile. San Earrach so chughainn brisfead an gort so: tosnóchad ar é do threabhadh agus do chur. Brisfir mo chroidhe má leanair ded droichbheartaibh: cuirfir brón trom, dochoimsighthe orm. Cé bhrisfidh an leac oidhir? cé chuirfidh fé chois dochma tosnuighthe: cé hé is dáine chun ruda do thosnughadh (mar droichscéal d'innsint, labhairt lé duine an-aithnid nó aon rud go mbeadh dochma ag gabháil leis). Do bhris an lá: tháinig drochaimsir. Do bhris an stoirm: do phléasc sí go h-oban. Do bhris an chneadh: d'oscail sí agus tháinig an t-othar amach aiste. Bhris sé uainn: d'fhág sé sinn. Do bhris gaoth air: do bhreim sé. Ná bris amach go deó airís: ná tosnuigh choidhche airís ar ólachán. Brisfidh na daoine amach in aghaidh na ndroichdhlighthe seo: éirighid amach ghá dtroid. Tréis caradais deich mbliadhan do bhris sé liom: do scaoil sé a mhuinnteardhas. Níor bhris obair dhian, droichbhaidh ná beag-thuarasdal a mhisneach: níor chlaoidheadar é. Cé bhris bás t'athar duit? cé nocht duit é? Brisfead an púnt san dhuit, an ndéanfadh ocht leathchorónacha an gnó? mionóchad é. Brisfear orainn ó tá breis fear n-ár gcoinnibh mara mbímíd aireach: buaidhfear orainn. Briseann sé ar gháiridhe gach uair dá gcloiseann gur ort-sa cuireadh an dlighe in a ionad féin: pléascann sé ar gháiridhe. Do bhris an tigh céadna me lé n-a chostaisighe: rinne duine bocht díom. Bhriseas mo chroidhe agus mo shláinte ghá chómhairleach gan tairbhe: ghoill sé go róthrom orm. Ní bhrisfeadh a dtáinig riamh é: ní luaithe thíos é ná thuas.

bríste: *f.4.* triubhas go glúinibh; an iuchair a bhíos in iascaibh áirighthe, gabhal ann mar bheadh i mbríste duine. Bean i mbríste seadh í: bean a bhíos ag déanamh gnóth fir lé húghdarásacht. Bríste glún: bríste gearra. Níor chuir fear dob fhéile ná é bríste air: níor mhair sé riamh. "Brístín", leasainm a tugtar ar dhuine ná bíonn a thriubhas nó a bhríste fáiscighthe mar budh cheart air: nó fear geárrchosach: íseal, téagartha. "Fáisc do bhríste ort!" deirtear go fonmhóideach lé duine gur mhaith leat go n-éisteóchadh sé.

briste: bochtnuighthe, ruagtha, scartha ó chéile, curtha as ionad. Anois nó riamh táim briste: bhí agam go dtí so, anois táim dealbh ar fad. Níl briste fós ar ár bhfuirinn: níl an buaidh fós ortha. Briste is córa thu! tá sé tuillte agat bheith briste. Bainne briste: bainne a théachtuigheas nuair cuirtear ar thé é, cuir i gcás. Lá briste a bhí indiugh agam: ní raibh

obair shlán i rith an lae agam. Níl an capall briste fós: ceannsuighthe lé hobair. Tá an talamh garbh briste aca sa deireadh: 'n-a thalamh báin oireamhnach chun curadóireachta. Tír bhriste dob eadh í mara mbeadh ár gceannródaidhe: bheadh sí claoidhte, dealbhuighthe.

bristeacht: *b.3.* ar aiste briste. Ní fhéadfá gabháil amach lé bristeacht na haimsire: neamhshocracht, olcas.

briúnclach: *b.2.* blodhtacha: ionann an focal so 'brínleach'.

bró: *b.5.* cloch mheilte, cloch mhuilinn; dlúthas cruaidh; cloch chruinn chun foraidhe rotha do chumadh; cloch chun faobhair do chur suas, cannta mór. "Ní mheileann leathbhró": muna luigheann beirt lé n-a chéile go dúthrachtach ní deintear an obair (is minic adeir bean lé n-a fear é agus í ghá imdheargadh lé n-a dhíomhaointeas). Rug sé ar bhróin chloiche chun me bhualadh léi: cloch mhór, throm. Cuir an scian ar an mbróin (mbró): cimil uirthe í chun faobhair. Tá bróin mhór dhubh (bró?) laistiar sa spéir: scamaill throma, dhlútha, dhubha (drochchómhartha aimsire). Tá an t-iasc 'n-a aonbhróin amháin san líon: 'n-a scailp mhór, dhlúth. Ghluais na saighdiúiridhe 'n-a mbróin: 'n-a ndíorma dhlúth.

brobh: *f.1.* loca beag féir, olna, coirce, aitin, craoibhe nó a lithéid; fíorbheagán. "Bailigheann brobh beart": déineann mórán rud beag curtha i dteannta a chéile cuid mhór. Tabhair brobh féir don gcapall: beagán féir. Ní fiú brobh a bhfuil ort: ní fiú trácht ar an méid atá ort: ní h-aon díobháil é. "Budh dhóigh lé duine gurb é 'brobh i dtóin' agat é: duine go mbíonn lán agus éirghe anáirde an domhain uile fé. "Táir goirtighthe agam" – "nílim; ní fiú brobh a's é": ní fiú bheith ag cainnt air. Níl brobh ag fás ar an ngort: tá sé an-lom.

brobhghail: *f.3.* blúiridhe beaga mar bhíonn ag éanlaithibh i gcóir déanta a nead. Tá na héanlaithe ag brobhghail: ag bailiughadh a nead. An bhfuil féar trom ar do mhóinfhéar? dhe, tá brobhghail air: níl droichfhéar ar fad air.

broc: *f.1.* an t-ainmhidhe. "Broc", leasainm ar fhear bheathuighthe, téagartha gan bheith árd. Táir chómh beathuighthe lé broc: anbheathuighthe, reamhar ar fad.

brocachán: *f.1.* duine teann, beathuighthe gan bheith ró-ghlan.

brocaire: *f.4.* duine a bhíos ag tóraidheacht broc; duine teann, láidir.

brocais: *b.2.* coinigéar nó ropach broc; gnáthóg bitheamhnach; áit dhuine, nó ruda salaigh. Níor fágadh poll ná brocais gan cuardach: cuarduigheadh gach aon áit. Brocais ghránda tighe: tigh neamhshlachtmhar, neamhghlan. Fuairtheas greim ortha go léir i mbrocais i gcúlshráid: gnáthóg drochdhaoine.

bród: *f.1.* áthas mór, lúthgháir; mórtas, tóirtéis. Cuireann do phósadh bród orm: áthas mór. Chuir bréithre an chainnteóra bród ar a raibh láithreach: lúthgháir mar gheall ar rud

éigin do thaithnigh leó. Tháinig bród orm nuair chonnac go raibh beart mhaith déanta agam: mórtas. Ní bród duit airgead do bheith agat, d'fhág do mhuinntir agat le h-udhacht é: ní tóirtéis duit é in ao'chor. Cuireann do bhróga nuadha bród ort: meas áthais.

bródach: áthasach; lúthgháireach; tóirtéiseach, mórtaiseach. An bhfuilir bródach as do ghluaisteán? an bhfuil tóirtéis ort é do bheith agat? Bheadh éinne bródach as a óráid: chuirfeadh sí mórtas ort agat féin. Fear seadh é ná fuil bródach as a chuid airgid: ná fuil aon éirghe anáirde air n-a thaobh.

bródamhail: *a.* do chur bróid ar dhuine. Is bródamhail an rud é airgead: rud do chuirfeadh meas agat ort féin, a árdóchadh do chroidhe. Tá mac bródamhail ag an bhfear mbocht: mac a chuireas tóirtéis air. Táim anbhródamhail as do scéal: cuireann sé áthas orm.

bróg: *b.2.* clúdach leathair don gcois; coisbheart. Bíonn bróga árda ar iascairidhibh: bróga a shroicheas go glúinibh. Cá luigheann an bhróg ort? cá bhfuil do mháchail? cá bhfuil an bhroid ort? "An té gur cumhang leis a bhróg is cumhang leis Éire": an té go mbíonn bróg róbheag do air bíonn sé chómh ciapuighthe mísheascair sin aice gur deacair leis fanacht in áit amháin. "Níl aon tseanbhróg ná faigheann seanstoca": is beag duine, fear nó bean ná faigheadh céile. Is mithid stad den gcúrsa anois, tá sé dulta chun seanbhróg: tá an iomad cainnte déanta air; dhéanfadh a thuilleadh díobháil. "Dhá bhróig ort (air)", deirtear so le rud a bhíos 'od chiapadh, nó dá dtagadh duine ar cuaird chughat gan choinne leis, le h-aon rud gan choinne.

brógh: *f.3.* salachar. Glan an brógh san ded bhrógaibh: an salachar.

broghadh: *f.1.* breis, méid, dul chun cinn, feabhas. Mo chuid airgid sa bhanc gan breis ná broghadh ag teacht air: gan méid ar bith. Sin leanbh ná tagann aon bhroghadh leis na bliadhantaibh air: aoirde ná méid. Bhain sé a gcuid talmhan dhíobh agus ní broghadh de é: níl aon rud buaidhte aige leis: níor dhein sé aon mhaitheas do. "Ith é sin, tá sé go h-anmhaith, is broghadh-de thu é": is fearrde thu é, déanfaidh sé an-mhaitheas duit.

broghais: *f.2.* an salachar a chuireas bó uaithe tréis beartha an ghamhna; aon rud bog nó salach, agus droichghnéitheach, duine bog, díomhaoin, neamhghasta. Broghaiseanna seadh mo bhróga le h-aois a's drochúsáid. Tá an chuma imthighthe dhíobh agus gan cuma dheas ná glan ortha. Ní maith an déanamh do thug an táilliúir ar an gcasóig sin, tá sí n-a broghais ar do ghuailnibh: ní luigheann sí go córach ort. Níor ghádh dhuit nár leig don mbroghais bhocht a's gan aon chur-isteach air: duine saonta gan díobháil d'aonne. A bhroghais, ní dhéanfadh aonne eile dul i ngoire an tairbh buile sin: amadán críochnuighthe. Seachain uaim, a bhroghais, leig dom-sa an bheart san do cheangal: a dhuine gan eólas. Nách me an bhroghais agus é do chreideamhaint agus a mhinicidhe bhuail sé an bob cheana orm: an t-amadán géilleadh dho etc.

broic: [**bruic**] *b.2.* fulang, faidtheadhlacht, foidhne, bheith ag gabáil de: d'iarraidh a dhéanta. Is fada ag broic leis an aindeise iad: tá siad ag fulang léi. Rófhada bhíos ag broic leat, gan buidheachas agat orm, dá mhéid do dheineas duit: ag foidhneamh leat. Ní

fhéadfainn broic a thuilleadh lé n-a cuid cainnte, ag mallachtughadh 'sag tabhairt tarcuisne uaidh: "cur suas" leis. "Connus taoi, an aimsir seo?" – "ag broic leis (an saoghal)": ag gabháil de dhuadh maireachtanta chomh maith agus is féidir liom. "Is deacair duit broic leis an gcois bhacaigh sin, a fhir bhoicht": do ghnóth do dhéanamh agus cos bhacach agat. "An saor maith Tadhg?" bíonn ag broic lé cloich do chur: ar a dhícheall chun tógála. B'fhearr liom scaramhaint léi mar mhnaoi ná bheith ag broic léi: ná bheith ag fulang aice. Níl do dhóthain airgid san méid sin i gcóir bídh na seachtmhaine, ach bí ag broic leat: lean leat agus déin do dhícheall leis. "Níl mo dhóthain sa méid seo, tabhair a thuilleadh dhom" – "beir ag broic leis maidir liom-sa dhe": caithfir bheith sásta leis an méid sin uaim-se.

broicealach: ógánach téagartha déanta; ainmhidhe cothuighthe gan bheith róthoirteamhail. Is breágh an broicealach leinbh é: leanbh cúmtha córach. Broicealaigh óga b'eadh iad nuair fuair a muinntir bás: rudaidhe beaga ag éirghe suas ná raibh i bhfad ó ghnóth do bheith ionta. Mar sin féin capall ró-dhaor seadh é, níl ann ach broicealach: déanta, cothuighthe gan bheith rómhór. Ní haon iongadh dho bheith n-a bhroicealach, sin é deir a chothughadh leis: tá sé beathuighthe, mar gheibheann sé biadh maith, folláin.

broicim: [**bruicim**] foidhnighim, fuilingim. Tá mo chroidhe briste ag an seanrothar so, rud éigin ait i gcomhnaidhe air, poll indiugh, slabhra briste ambáireach, roth cham lá eile, ní bhroicfead a thuilleadh leis: ní fhoidhneóchad leis: gheóbhad a mhalairt. Ní bhroicfeadh aonne ach spaid lé cainnt ag tromaidheacht ar a dreatháir: ní éistóchadh aonne agus foidhne aige leis. Broicir go maith leis an saoghal dá mhéid mí-sheól d'éirigh duit: gheibhir tríd go crodha. Sin arán a's bainne dhuit, agus broic leis, mar sin a bhfaighir: déin leis. Broicim féin a's mo bhean go maith lé chéile: réidhtighimíd: ní bhímid ag troid ná ag achrann lé chéile.

broid: *b.2.* braighdeanas, daoirse, géibheann: cruadhtan, deacracht; deabhadh, teannta airgid; duabhais, duadh. Ná glaoidh ar an bhfear san, tá broid air, ní fhéadfadh sé stad: deabhadh mór. Mara bhfuil broid ort, tair liom: muna bhfuil aon rud géibhineach agat le déanamh nó dul in aon áit eile tair liom. Ní fhéadfá siubhal síos an tsráid liom! Ní fhéadfá, ní fheaca riamh thú ná beadh broid éigin ort: gnóth no cúram nó deabhadh. Aimsir bhroide ag feirmeóiridhibh seadh an fóghmhar: bíd róghnóthach ag gabháil de 'sag saothrughadh na mbarraidhe. Lá broide seadh agam é, tá orm fiche leitir d'fhreagairt: lá an-ghnóthach. Mise do chara lá na broide: mise an fear ná séanfaidh thu an lá bhéas práinn ort. Seo stailc lucht caraidhe sráide ann agus orm dhá mhíle dhéag do shiubhal gach lá i dteannta mo chuid oibre do dhéanamh, ní broid go dtí so: níor chruadhtan cheart é go dtí anois. D'éag a fear, cuireadh amach as a seilbh í, is iomdha broid do rug riamh uirthe: duadh saoghail. Tá am ár ndóthain againn, cuir díot an bhroid: an t-imshníomh, deabhaidh. Dá mb'áil leat gan leath oiread broide bheith ort ag dul treasna sráide ní leagfí thu: dá ngluaistí níos moille bheadh an scéal go maith agat. Duine sochma, réidh seadh é ná cuireann faic broid air: deabhadh ná imshníomh. "Chonnac an lá fé dheireadh é agus cuma andhealbh air, droichéadach agus drochdheallramh sláinte air" – "sin é deir broid an tsaoghail leis": cruadhtan, deacracht agus aindeise an tsaoghail. Bheadh an garsún san ag baile fós dá bhfaigheadh sé ceannsacht; broid a mhuinntire do chuir ón mbaile é: déine agus cruadhtan gan ghéilleadh dá óige. Ní chuirfeadh an diall buidhe ar scoil é le broid an

mháighistir: an máighistir bheith dian géirleanamhnach air. Tá leathchéad púnt orm ag lucht áirleacain agus fiacha ag daoinibh eile. Táim i mbroid aca: i ndraip. Aon lá bheadh broid airgid ort, tair chughamsa agus gheobhair é: an lá theastuigheann airgead uait. Leis an mbroid a bhí orm ag caitheamh an doradha chuaidh an dubhán ceangailte im méir: leis an árd-dheabhadh a bhí orm. Buidheachas mór lé Dia, tá broid na dtighearnaidhe talmhan imthighthe: leathtrom. Fear broide: duine a bhíos ag dul fé dhéin gnótha nádúrdha do dhéanamh. "Ar mh'anam gur maith an chuma atá ar Sheán" – "sin é deir a bhroidí leis": ní h-iongadh san, fear gan buairt gan cruadhtan. Is dóigh le daoinibh ná fuil an tír seo i mbroid fós ag Sasana: fé smacht aice. Chaith sé dhá bhliadhain i mbroid: i ngéibhean, i gcarcar. Caithfidh ár ndaoine an bhroid díobh lá éigin agus déanfaid a ndlighthe féin: an daoirse: beid saor. Aithnighim ort go bhfuil broid éigin ort: deabhadh, imshníomh, nó gádh éigin.

broideamhail: *a.* gnóthach, géibhineach, deabhthrach, i gcruadhtan. Daoine broideamhla in am bhroideamhail an Earraigh seadh feirmeóiridhe: ag obair go dian agus go fad-thráthach. Budh bhroideamhail an aimsir í ar dhaoinibh nuair chaithidís an deicheamha cuid de gach rud dá mbíodh aca do thabhairt uatha. Níor oibrigheas riamh fé aon tsaoiste budh bhroideamhla 'ná é, ní shásóchadh faic é ná ní fhéadfá do cheann do thógaint nuair bhéicfeadh sé ort: saoiste dian gan bháidh lé n-a chuid fear. Aimsir bhroideamhail i bpríosún aige dob eadh é, beagbhaidh, leabaidh chruaidh, obair dhian fhada: aimsir neamhshubháilceach, bhuadhartha. An lá chuala bás m'athar dob é an lá budh bhroideamhla dá rug riamh orm é: bhain obaine an scéil preab asam, chuir sé buairt dochoimsighthe orm agus bhí orm dul i bhfad gan puinn aimsire agam: an lá budh shuaidhte etc. Ná bí broideamhail ar leanbhaidhibh, ní maith dhóibh é: ná bí dian ortha chun oibre ná ghá smachtughadh. Ar bhroideamhail leat teacht ag obair ambáireach chugham? ar mhór leat é; an mbeadh sé ródhian ort i dteannta a bhfuil lé déanamh cheana agat?

broigheall: *f.1.* saghas fiaidh mhara. Sid iad na saighiseanna atá ann: an seagadh (an ceann is lugha agus néal glasuaithne ann leis an ngréin) an fiach (mara) féin (dubh ar fad); an broigheall annsan (níos mó agus dhá bhall bhána ann siar fés na sciathánaibh) agus an lóma (an ceann is mó agus is fánaighe).

broimfhéar: *f.1.* féar garbh.

broimneach: *b.2.* ag briseadh gaoithe. Tá broimneach ar an gcapall: tá sé ag briseadh gaoithe.

broimnéis: *b.2.* néal buile: lag-mheas. Duine broimnéise seadh thu: duine trodach, mór-ghlórach. Broimnéis ar fad atá n-a chuid cainnte: cainnt san aer.

broimnéiseach: *a.* árdghlórach, bagarthach. Ná cuireadh an duine sin aon eagla ort, cainnt bhroimnéiseach atá aige: cainnt mhór gan cur léi; nó cainnt dhraosta.

broimnighim: *b.n-a.* brisim gaoth. "Is maith an capall a bhroimnigheann (bhroimeann) tráthnóna" deirtear le capall a bhriseas gaoth i ndeireadh a chuid oibre.

broinnlíonta: *a.* bolglán. Níor shuidh sé riamh chun bídh ná beadh sé broinnlíonta sara n-éirigheadh sé: "a bholg ar a chuinne aige": lán suas go maith, sásta go maith ó bheith ag itheadh.

bróinteóir: *f.3.* fear a bhíos ag obair ar bhróin, mar bheadh ag cur faobhair ar úirlis geárrtha.

brollach: *f.1.* ucht, brágha(id), tosach, aghaidh (tighe etc.), tuigidhe fighte ar a chéile i gcluichirt ughamach, dhá cheann treasna dhroma an ainmhidhe ag ceangal na hughamach; an brollach ó thalamh an figheachán tuigidhe amuigh agus thiar ó bhun na hugham anáirde go dtí an dá mhaide go mbíonn an dá bhrollach treasna ceangailte ortha. Táimid i mbrollach na bliadhna fós cad tá ann ach Lá Fhéile Phádraig: i dtosach. Thuit sé i mbrollach an chatha: i bhfíorthosach na troda. Tabhair do bhrollach don sín: tabhair aghaidh ar an ndrochaimsir. Nách í péarla an bhrollaigh bháin í: nách í an bhean áluinn í (searbhas). Brollach an adharta: an obair chloiche nó bríce a théidheas treasna os chionn na teine. Tá brollach an chapaill tinn: an áit go mbíonn breis luighte an choiléir. Ní thugann an bhean an brollach dá clainn: ní thugann sí bainne cích dhóibh. Ghaibheas thar brollach tighe aca: ghaibheas tar brághaid (aghaidh) an tighe: an taobh poiblidhe den tigh. Clúduigh thu féin, tá do bhrollach leis: tá t'ucht nochtuighthe. Rug sé ar dhá thaobh bhrollaigh orm agus chroith sé me: rug sé ar mo chuid éadaigh os cionn m'uchta, clé agus deas. Téidhimís i mbrollach oibre: cuirimís sinn féin i gcóir oibre agus tosnuighimís. Brollach leabhair: réamhrádh.

brolla-gheal: *a.* gealchneasach tímcheall na brághad a's an uchta. Bean áluinn, bhrolla-gheal: gheal-dhathamhail.

brollaidheacht: *b.3.* ag breith greama ar a chéile ar dhá thaobh brollaigh, iomrascáil. Téidhimis ag brollaidheacht lé chéile: féachaimís céagainn is fearr chun an duine eile do leagadh ar thástáil nirt ar an gcuma so. B'fhearr liom dul leat lámh-thíos-a's-lámh-thuas; na géaga do shnaidhmeadh tímcheall corp a chéile gach re lámh thíos a's thuas d'fhonn gan comhthrom do bheith ag duine ar an nduine eile. Leag sé ag brollaidheacht me: leag sé ar an gcuma san iomrascála me. "Ní abrann galar fada bréag", is fada ag brollaidheacht leis an mbás é a's chaith sé an fear maith d'fhágaint aige: ag troid.

bromach: [**bramach**] *f.1.* capall óg; duine athumhalta, míothuigseanach. Bromach briste: capall óg claoidhte le hobair. Tá sí n-a bromach mná: n-a mnaoi láidir acfuinnigh. Bromach fir seadh é anois: fear mór, láidir gan cuma ró-bhéasamhail. "Is diail an fuadar oibre atá fé, féach mar chaitheann sé féar tharais" – "ná bac san, níl ann ach speal bhromaigh": ní sheasóchaidh sé ach seal gearra nuair bhuailfidh tuirse nó leisce é mar ghnidheann capall óg ná bíonn claoidhte le hobair. Fan socair agus éist, cuirfir an áit trí chéile, a bhromaigh: a dhuine gan eólas, gan béasa, gan míneacht ameasc daoine.

bromaire: *f.4.* duine láidir nó duine deiliúsach. Bromaire dathamhail mná do phós sé: bean láidir, shláinteamhail. Bromaire seadh thu ná leigeann aonne thart: duine a bhíos ag cur isteach ar ghnóth gach aonne a thagas treasna ort.

bromughdar: bromughdarás.

bromughdarásach: *a.* ag gabháil úghdaráis gan buannachta nó gan cur leis. Cad chuige dhuit bheith chomh bromughdarásach san agus labhairt gan chead iarraidh: bheith chómh teidealach, dána.

brón: *f.1.* cathughadh, aithreachas, éagcaoineadh. Mo bhrón! is olc an scéal atá agat, do shúil do chailleamhaint: cuireann sé cathughadh orm. Mo bhrón indiugh a's mo mhairg ambáireach: tá cúis cathuighthe indiugh agus beidh a thoradh agam 'n-a dhiaidh so. "Tart deireadh an óil, brón deireadh an ghrádha" (seanfhocal) dá mhéid óltar ghnidheann sé tart eile; is é toradh an ghrádha mhóir ná bíonn an dís sona: ní ghabhaid lé chéile nó éirigheann buairt do dhuine aca. Ná bí ag déanamh bróin, ní bhéarfadh an saoghal mór ar ais do leanbh chughat: ná leig don mbrón luighe ort. "Cad tá uait ag lorg mar sin?" – "scilling do chailleas" – "mo bhrón é!" (seanbhlas): nách é an truagh é. "Bhrisfinn do shrón dá gcuirtheá olc orm" – "mo bhrón!" ní bheadh aon dul agat air. Ól an ghloine sin, scaipfidh sí an brón ded chroidhe: cuirfidh sí meidhréis ort má táir in ísle bhrighe. Brón ort, ná stadfadh: léan ort: b'fhearr liom go stadfá (deirtear so lé duine a bheadh ghod chiapadh gan aon drochaigne do bheith agat do).

brónach: *a.* buartha, duairc, doirbh. Bead brónach nuair fhágfair: beidh smaointe dubhacha agam. An scéal céadna i gcomhnaidhe is ní beag a bhrónaighe: gan aon atharughadh ar an aindeise agus trom buartha í. Budh bhrónach leat féachaint ar an áit gan ann anois ach an láthair mar ar saoghaluigheadh sinn: chuirfeadh sé uaigneas croidhe a's buairt ort etc. "Tair chómh brónach le baintreabhaigh seanduine" (seanbhlas): gan ach brón dúmais.

bronn: *f.1.* íodh miotail nó iarainn chun rud do neartughadh, mar cuirtear ar bharr cruinn luinge chun ná scúghfadh sé, ceangal. Bronn-righe bhrághad. Briseadh bronn-righe a bhrághad nuair leagadh den gcapall é: an cnámh fé bhun an mhuiníl. Cuirtear na focail seo i mbronn.

bronnadh: *f.* (*-nta*) do thabhairt in aisce; aisce. An dtabharfá an leabhar so ar iasacht dom? Táim ghá bhronnadh ort: bíodh sé agat do shíor. Ní h-iongadh easbhuidh air, nuair bhí sé aige bhíodh sé ag síorbhronnadh a choda: ag tabhairt uaidh in aisce. B'fheárr liom é do cheannach ná é do bhronnadh orm, ní bheadh aon chomhardadha aige orm n-a thaobh: ná é d'fhagháil gan a cheannach. Tráth bronnta seadh an Nodlaig: am gur gnáthach leis na daoinibh rudaidhe mar chómharthaidhe muinnteardhais a's measa do thabhairt dá chéile.

bronnaim: *b.a.* $_7$ *n-a.* tugann in aisce, gan díolaidheacht, tugaim os cómhair sluaigh aisce éigin a bhíos tuillte as ghníomh éigin. Má bhír id gharsún mhaith indiugh bronnfad an peann so ort: tabharfad duit é as ucht (mar gheall ar) bheith go maith. Nuair bhí sé ag fágaint do bhronn a dhaoine muinnteardha oireadóir óir air: thugadar do mar chómhartha measa.

bronnmhar: *a.* fial, flaitheamhail. Bean bhronnmhar i mbun tighe seadh í, níor leig sí aonne ón dtigh riamh agus easbhaidh air: fial. Daoine bronnmhara seadh Éireannaigh: daoine fiala, fáilteamhla. Ní fhéadfainn bheith bronnmhar i gcómhnaidhe: níl im chumas bheith ag tabhairt uaim gan stad.

bronnta: *a.* tugtha in aisce, tugtha ar son ruda éigin a bhíos tuillte ag duine de bharr iomaidheachta nó maitheasa poiblidhe. Tigh bronnta air atá aige: tigh a bronnadh air. Gluaisteán bronnta: gluaisteán fachta ar son ruda éigin a bhíos déanta ag an té a gheibheas é.

bronntanas: *f.1.* rud a gheibhtear in aisce. Bronntaisidhe Nodlag: rudaidhe nó earraidhe a gheibhtear in aisce. Tá bronntanas anois agat, a fhir bhoicht: tá rud tárluighthe dhuit a leanfaidh i bhfad tu agus nách fearrde thu é.

bronntóir: *f.3.* duine a thugas rudaidhe gan díolaidheacht asta uaidh. Taithnigheann do bhróga liom, cé h-é an bronntóir? deirtear seo lé seódh. Bronntaisidhe seód dob eadh uaisle Éireann: lucht tabhartha seód.

brosanta: *a.* dána, clóchaiseach, tapaidh, lúthmhar; gasta; críochnamhail. Duine róbhrosanta seadh é go mbíonn a cheann sáidhte i ngach aon rud aige: clóchaiseach, ag cur isteach ar ghnóthaidhibh dhaoine eile. Duine beag brosanta dob é a bhuail liom: duine beag teidealach fonnmhar chun cainnte. Ná labhair chómh brosanta san liom: ná labhair chómh deiliúsach, neamhbhéasach: ná bí ag tabhairt gach re seadh dhom. Lá brosanta earraigh go raibh an ghaoth ag éirghe agus fuacht ag teacht ann dob eadh é: ag dul ar bun, ag cruadhadh agus ag dul i bhfuaire.

broscán: *f.1.* clais bhlúiridhe briste, sluagh. Tá an scáthán n-a bhroscán agat: briste ar fad. Bhailigh sé broscán airgid faid bhí sé san Oileán Úr: múirle airgid. “An raibh mórán daoine ar an rás?” – “ní raibh ann ach broscán”: sluagh nár bhfhiú d’áireamh.

brosna: *f.4.* craobh nó cipínidhe coille a bailightear cun teine. “Claidhe na mbrosnaidhe”: claidhe go leagadh na daoine go mbíodh birt mhór craoibhe ar an ndrom aca chun sosa do dhéanamh. Ní fheaca a lithéid de bhrosna fiacal ag aon fhear ná mhnaoi riamh: fiacla (cír fhiacla) curtha go riartha sa chogansaigh.

brostughadh: *f.* (*-uighthe*) bíodhgadh, luathughadh, gríosughadh; ag déanamh deabhaidh. Ní h-aon bhrostughadh orm bheith ghá rádh ná fuilim ag déanamh i gceart: luathaghadh, breis deabhaidh. Ná bí ghom bhrostughadh chun gnímh ná taithnigheann liom: ghom ghríosadh. Bhíodh sé ghár mbrostughadh ó mhaidean go hoidhche: ag cur deabhaidh orainn. Ag brostughadh na hoibre le breis fhear do chur uirthe: ag luathughadh na hoibre. Bímís ag brostughadh abhaile nó beam déidheanach: ag déanamh deabhaidh. Tá an oidhche ag brostughadh chughainn: ag teacht go tapaidh. Riamh ní fheaca lucht brostuighthe mar iad, deabhadh ortha do shíor: gan suaimhneas ortha. Brostuigh: déin deifir: luathuigh.

brostuighim: *b.a. 7 b. n-a.* luathuighim, gríosaim, bíodhgaim, déinim, deabhadh, cuirim chun cinn. Brostuigh ort, táir an-righin, beir déidheanach – déin breis deabhaidh. Má chuirir adhmad sa teine brostóchaidh sé í: tiocfaidh sí chun cinn níos luaithe mar gheall air. Brostuigheann cainnt lághach, mhilis é: spriogann sí chun gnímh é. Cad bhrostuigh abhaile chómh luath so ón bhfarraige sibh? do bhrostuigh an drochchuma atá ag teacht ar an lá: d'fhanfaimís tamall eile mara mbeadh san. Brostuigh chugham leis an uisce, tá mo chuid éadaigh ar lasadh: luathuigh go tapaidh. Brostuigheann chugham do chabhair, a Dhia: déin deifir, a Dhia, tá gádh léi. Brostuigheann faobhar maith ar an rásúir an bearradh: is luaithe déintear é dá bharr.

brostuightheach: *a.* luath chun gnímh, bíodhgach, gríosamhail. Fear brostuightheach seadh é, deabhadh air lé gach rud: fonn air chun ruda do dhéanamh. Cainnt bhrostuightheach na ndaoine a bhí n-a thímcheall a chuir suas é chun me do bhualadh: na daoine eile ghá spriogadh. Bí brostuightheach ort féin agus beir in am: déin deabhadh ar gach slighe is féidir leat. Nách brostuightheach chun bruighne ataoi: cainnt a mhúsclas bruighean agat, tú ag déanamh an uile rud chun troda do chur ar siubhal.

brostuightheóir: *f.3.* duine a ghríosas, luathuigheas nó a spreagas. Is iongtach an lá oibre atá déanta agaibh, ní fuláir nó bhí brostuightheóir maith oraibh: duine chun sibh do luathughadh. Brostuightheóir bruighne seadh an deoch: gríosann sí duine chun troda nuair bhíonn an chiall imthighthe.

brothaire: *f.4.* duine gur b'é a ghairm bheatha ainmhidhthe do mharbhughadh lé haghaidh bídh.

brothall: [**brothal**] *f.1.* teas agus meirbheacht, teódhacht; seascaireacht. Bíonn brothall ann sa tsamhradh nuair bhíonn an ghrian láidir gan aon ghaoth ann agus gan scamall sa spéir: teas mór agus mairbheacht. Chaitheas mo chasóg díom leis an mbrothall: lé méid an teasa ag goilleamhaint orm etc. In aimsir bhrothaill is deacair oibriughadh: aimsir anthe. Ní fhágfaidh an obair dheacair seo aon bhrothall ort: aon teasbach: aon iomad mhór scléipe: míneóchaidh sí thu. "Brothall", leasainm ar dhuine go mbíonn mórán cainnte aige, a's gur bhreágh leis babhta bruighne do bheith ar siubhal. Lá brothaill: lá anthe.

brothallach: [**brothalach**] *a.* te, meirbh; lasánta. Ní maith é lá brothallach chun coisidheachta: lá anthe gan gaoth. Tigh brothallach seadh é: tigh cluthair gan siolla gaoithe ann. Oidhche chómh brothallach san ná féadfainn codladh do dhéanamh: ciúin, te, teasaidhe, gan gaoth. Sín isteach sa leabaidh bhreágh bhrothallaigh sin: leabaidh chluthair, the, sheascair. Sé dheineann an seómra so chómh brothallach go bhfuil an oiread san daoine ann: chómh múchta, te. Deineann an ghráineóg nead bhrothallach di féin i gclaidhe: cluthair, seascair, te.

brothalluighim: [**brothaluighim**] *b. n-a.* téidhighim chun oibre, téidhim i dteódhacht. Brothalluighim chun cainnte nuair baintear me le cainnt ag cáineadh mo thíre: tagann teasaidheacht orm. Brothallóchaidh an lá so fós, tá an ghrian ag spalpadh: raighidh an lá i dteas agus i meirbheacht.

brú: *b.5.* broinne; an ball i mbaineannaigh n-a gcruthuightear. Níor geineadh riamh i mbroinn mná fear chómh galánta leis: in árus geinte. Déanfaidh an t-anbhruithe sicín sin maith na bruinne don nduine bhreóidhte: maitheas gan chuimse.

bruach: *f.2.* faobhar, port (abhann, locha, etc.); teóra, oirear, cósta, scéimh. Líon sé an ghloine go bruach dom: go faobhar: níor bh'fhéidir a thuilleadh do chur innte. Bíonn ár mbancairidhe bruach lé bruaich: bíonn siad ag scéitheachtaint lé digh, bíd chómh lán san go mbíonn ag silleadh asta. Fuaireas an tigh beag a bhí uaim ar bhruach an locha: buailte lé faobhar an locha. Caithim an lá ar bhruach na mara ag féachaint uaim amach: ar scéimh na farraige. Táir lán go bruach; ná hól a thuilleadh: táir lán go smig. Níor bhuail aonne liom san áit uaignigh ach seanduine go raibh a chos ar bhruach na huagha: chómh haosta san go bhfuil sé i ngiorracht don éag. Bhuail an tuinncéir liom, é féin 'sa chlann curtha fútha ar bhruach an bhóthair: ar thaobh an bhóthair: in aice na díge. Ná suidh ar bhruach na faille, áit róchonntabharthach seadh é: ar scéimh na faille. Tháinig sé chughainn ar bhruach nóna: um thráthnóna. Tá an bhó ar bhruach beartha: ní fada go mbeidh gamhain aice. Ná fan i ngreim an dá bhruach: ná bí mar an t-iománaidhe ar an gclaidhe. Fág an tslat iascaigh ar bhruach na habhann: ar phort na habhann. B'fhuraist aithint go raibh cómhachta na hEóraipe ar bhruach cogaidh: buailte leis. Sid é an gleann atá n-a bhruach ar ár gcuid talmhan: n-a theórainn. Bád éisc fé bhruach: an oiread san éisc innte go raibh sé go hárd anáirde innte. Bhíodh a sparán fé bhruach airgid: lán, teann.

bruachadghail: *b.3.* ar tí bheith. Táimíd ar bruachadghail dulta a chodladh anois: ag ullmhughadh chuige. Chuir sé ar bruchadghail ghuil me nuair chonnac a mbochtanacht: ní mór ná gur ghoileas le truagh dhóibh. Chuaidh an tarbh agus é ag itheadh ag bruachadghail rófhada amach ar an bhfaill agus síos leis: ar an bhfaobhar gur straoil sé síos.

bruachaire: *f.4.* (**bruachán**) duine a thugas teallaireacht nó deiliús uaidh, duine a bhíos ag fuirghis ar rudaidhibh ná baineann leis, duine a bhíos ag fanacht in athchumaireacht gan aon ghnóth soiléir do bheith aige. Mara mbeadh gur bruachaire thu ní thabharfá cainnt giorraisc d'aonne: teallaire, duine gan béasa. Cad é an mhaitheas bruachaire mar thusa ná feadair cad is ceart duit do rádh do chur ar chúram throm mar locáiste do lorg 'n-ár gcíos. Cuirfear ón gcruinniughadh thu, a bhruachaire, má leanair do bheith ag teacht treasna ar an gcainnteóir: a dhuine dhroichbhéasaigh. Ná bí id bhruachaire annsan ós chómhair na ndaoine, tair isteach: mar bheadh duine bheadh d'iarraidh ruda éigin do dhéanamh fé choim. Caithfear amach a bhfuil de bhruachairidhibh annso: gach n-aon ná fuil buanacht aca annso, ná taidhbhsigheann oireamhnach don áit agus don ócáid.

bruachaireacht: *b.3.* ag fanacht in aice áite mar bheadh ag gabháil tímcheall ag tnúth lé rud nó é d'ionnsaidhe nó ag faire. Chaith na gárdaidhe an lá ar fad ag bruachaireacht ar an dtigh: n-a thímcheall, ag faire air. Níor fhágais an chos ó mhaidean agam, cad é an bhruachaireacht atá agat orm? an leanamhaint dhlúth so gan deallramh gan ghnóth mar tuigtear dom. Nách gránda an béas agat bheith ag bruachaireacht ar chuideachtain ná teastuighir innte: ag tnúth leo: ag brughadh ortha gan fáilte romhat.

bruachán: *f.1.* teallaire, duine droichbhéasach; duine ná tugann aire dá ghnóth féin. Scaoil thart an bruachán san – ná cuir aon eadh n-a dhrochchainnt: duine atá ag cainnt thar ceart lé neamhbhéas. Dá mbeinn im bhruachán mar thusa, déarfainn leis seasamh dúinn: duine neamhbhéasach. Tá sé ag imtheacht n-a bhruachán ar fuaid na tíre, lá aige ar thaobh Fianna Fáil, lá ar thaobh na nGaedheal, agus lá eile ar thaobh Fine Gaedheal: gan fuaimeant, ag itheadh a's ag gearradh ar gach aonne.

bruachbhaile: *f.4.* baile in aice baile eile. Tá baile an Mhuilinn i ngiorracht leathmhíle don nDaingean, bruachbhaile seadh é.

bruar: *f.1.* ciota fogha, smidirínidhe. Thuit an ghloine as mo láimh, deineadh bruar ar an úrlár di: deineadh mionramh di. Dheineadar bruar den ndoras lé n-a ngunaidhibh: dheineadar é do bhriseadh gan mhaith.

brúch: *b.2.* maighdean mhara, bean dhraoidheachta a chómhnuigheas sa bhfarraige, a h-íochtar i bhfeirm éisc. "Tháinig fear lá ar bhrúch a's í ghá grianadh féin ar charraig. Sciob sé scabal a bhí i dtímcheall a gualann mar ná féadfadh sí scaramhaint leis an scabal. Do ráinig clann aca. Lá amháin nuair chuaidh sé anáirde sa frathachaibh mar a raibh líon a theastuigh uaidh. San áit chéadna do bhíodh an scabal aige i bhfolach ón mbrúich. Thuit sí anuas i nganfhios do. Chómh luath a's chonnaic an bhrúch an scabal shnap í agus d'imthigh lé fé dhéin na mara. Ní fheacthas riamh ó shoin í. Ródhéidheanach don bhfear nuair fuair sé amach cad do thárlaidh."

brúcht: *b.3.* pléascadh mar gaoth as an ngoile, mar uisce ag lingeadh; borradh mar abha lé linn tuile, nó an fharraige lé linn stroime; clúdach nó brat. D'ithis an iomad, tá brúcht ort: tá gaoth ag éirghe aníos id scórnaigh. Bíonn brúcht ruibhe agus mionchloch ag éirghe as chnoc thóiteáin. Féach an bhrúcht san san iarthar, tá báisteach air: scamall mór, trom, dubh. Drochchómhartha seadh an bhrúcht san muir indiugh: at agus borradh. Ní fhéadfainn dul treasna na habhann leis an mbrúcht uisce a bhí innte: an tulca, an borradh uisce. Thuit brúcht shneachtaidh i rith na hoidhche: clúdach trom. Bailigheann brúcht ar mo chroidhe: gaoth a bhíos ghá mhúchadh.

brúchtadh: *f.* (*-ttha*) do bheith ag pléascadh nó ag borradh nó ag lingeadh. Chuir brúchtadh na farraige scannradh orm: a borradh a's an dórd fiadhain coimhtheach a rinne sí. Leis an méid báistighe do thuit do bhí an abha ag brúchtadh thar port: ag éirghe anáirde agus ag scéitheachtaint. Gheobhair é in aice na háite go bhfuil an t-uisce ag brúchtadh ar an gcarraig: ag pléascadh, ag lingeadh 'n-a sconna.

brúchtaim: *b. n-a.* pléascaim, borraim, lingim go mear. Do bhrúcht an fharraige airéir i slighe ná feaca ná nár chuala cheana riamh: d'at sí agus do phléasc a's do rinne fuaim adhbhalmhór. Brúchtann an abha ar an dtalamh san sa gheimhreadh, mar chídhir a bhfuil de riantaibh fágtha aice ann: éirigheann sí os cionn puirt agus scéidheann fén dtalamh. Is é uisce is glaine dá bhfeaca riamh é agus ní hiongadh san brúchtann amach tríd an gcarraig dhuibh: briseann go láidir. Brúchtann an bhó nuair itheann sí an iomad clóbhair: bíonn gaoth ag teacht n-a siollaidhibh obana as a béal. Má ithir a thuilleadh brúchtfar:

pléascfaidh gaoth as do ghoile tríot scórnaigh. Brúchtann toibreacha annsan sa gheimhreadh: pléascann uiscidhe aníos as an dtalamh ann.

brúchtghail: *b.3.* do bheith ag scéitheachtaint mar abha, loch etc. le breis an uisce; ag séideadh mar bheith ag leigeant gaoithe, ag déanamh glóir mar an fharraige; ag imtheacht do dhruim bruaiche nó faobhar mar leann in áras. Beidh an tigh ag brúchtghail lé daoinibh, beidh an oiread san ann: beidh breis is a choimse daoine ann. D'itheas an oiread san go bhfuilim ag brúchtghail: an biadh ag teacht aníos im scórnaigh toisc an iomad bheith san ngoile. A's me amugha sa cheódh chuala brúchtghail an uisce agus d'aithnigheas go rabhas in aice chinn na habhann mar a mbriseann as an gcarraig. Scéidh an abha le linn an tuile, agus thosnuigh an t-uisce ag brúchtghail isteach sa tighthibh, gur theich na daoine lé heagla: ag imtheacht do dhruim gach ruda n-a bhealach. Féach ar an spéir, tá sí ag brúchtghail chun drochaimsire: ag borradh 'sag bailiughadh chuige.

brughadh: [**brúghadh**] *b.* (*-úighte*) fáscadh a chuireas rud as a chuma aiceanta; fáscadh lé foirneart; do dhéanamh in aon dlúthas lé fascadh nó neart. Teanntughadh ar a chéile mar daoine etc.; do dhéanamh cumhangais ar; do bhriseadh is do mhionughadh i míribh bheaga; do chlaoidheachtaint thar chosc; ag dul i ngiorracht do; do choimeád fé smacht. Fuair mo chos brughadh chómh mór san nuair shatail an capall uirthe ná fuil sí sa mhaith chéadna ó shoin: chuir meádhachtaint an chapaill uirthe i gcoinnibh na talmhan na cnámha, an fheóil, na féithleóga as a n-ionad nádúrdha gur dhein díobháil di. Ná bí ghom bhrughadh i gcoinnibh an fhalla táir ghom ghortughadh: ag fáscadh lé breis nirt orm a ghoilleas ar mo bhallaibh beatha. Is olc an brughadh a tugadh ar na prátaidhibh sin, tá ailpeanna n-a measc: níor fáisceadh iad go mbeidís mar plúr. Fanaidh socair ag dul isteach an doras, a dhaoine, ná bídh ag brughadh ar a chéile nó tachtfaidh sibh an doras: ná bídh ag teanntughadh i gcoinnibh a chéile d'iarraidh cé bheadh ar tosach: gluaisidh go réidh. Fágfad an tigh seo, chídhim go bhfuilim ag brughadh oraibh, ní thugann sibh aon tsubháilceas dom, ní thaithnigheann faic a deirim ná a dhéinim libh: táim sa tslighe oraibh: níl fáilte agaibh rómham. Téidhir i gcuideachtain éigin eile, ná bí ag brughadh orainne: d'iarraidh bheith n-ár measc-ne a's ná teastuighir ó aonne againn. Tá gach aon rud ag dul im choinnibh, aon rud do chuirim rómham do dhéanamh teipeann orm. Táim dhá bhrughadh ag an saoghal: dhá chlaoidheachtaint. Beidh brughadh mór daoine, beidh siad ann as gach áird, in Áth Cliath ambáireach ag féachaint ar an imirt: bailiughadh mór, trom. Bhraitheas gan bheith ar fóghnamh ar maidin, ach ó gheallas go mbein láithreach a's nár mhaith liom gan mo gheallamhaint do chóimhlíonadh do bhíos ag brughadh orm féin teacht: d'iarraidh an lámh uachtair d'fhagháil ar an rud a bhí ag goilleamhaint orm. Creid me leis gur mhór an brughadh do dheineas ar mo mhianach a's nár bhuaileas é a's ar thug sé de tharcuisne dhom: an smacht do chuireas orm féin: an fhoidhne do dheineas. Chuiris brughadh ar mo chroidhe nuair chuala go rabhais anbhreóidhte: chuiris brón orm. Ní haon bhrughadh ar mo chroidhe tu do bheith annso: is cuma liom ann nó as tu. Do ghoileas sa deireadh ní fhéadfainn an brón do chuir bás m'athar orm do bhrughadh ar mo chroidhe a thuilleadh: do choimeád agam féin. Tá a fhios agam go bhfuil cúis gearáin agat, mar fuairis droichdhéanamh, ach ná tabhair lé rádh gan é do bhrughadh ar do chroidhe: gan a leigeant go ngoilleann sé ort. "Cad é an t-am anois é?" – "ní fheadar, níl aon chlog agam ach dréir na gréine tá sé ag brughadh ar an dtráthnóna": ag druideam leis go hathchomair. Tá aos maith aige, tá sé ag brughadh ar na cheithre fichid: ag druideam

leis an aos san. Brostuigh, bímís ag brughadh abhaile, tá an bealach fada a's gan againn ach uair a chluig: ag taisdeal gan tuilleadh moille. Tá an Nodlaig ag brughadh linn anois, cad tá sí ach sé seachtmhaine eile uainn: ag druideam linn go grod. Tá slighe bhur ndóthain agaibh, ach bheith foidhneach, ná bídh ag brughadh ar a chéile: ag ionfairt a chéile. Tóg cuid des na fearaibh sin as san agus cuir ag obair in áit eile iad; is amhlaidh atáid ag brughadh ar a chéile annsan: níl slighe oibre aca. Bíonn sé i gcómhnaidhe ag brughadh gaoil orm: ghá rádh go bhfuil gaol eadrainn. D'aithnigheas ar an slighe a bhí sé ag brughadh muinnteardhais orm, a's gan aon aithne againn ar a chéile, nárbh aon deaghbhuachaill é: ar an gcuma n-a raibh d'iarraidh cainnte do chur orm agus aitheantais do dhéanamh liom a's gan mé ghá theasbáint do gur theastuigh san uaim. Thugamair an oidhche ar fad ag brughadh i gcoinnibh na gaoithe gan an talamh do shroichstint: d'iarraidh dul lé n-ár neart nó ár gcómhacht. Chaitheamair an mhaidean ar fad ag brughadh lé n-a chéile a's an namhaid d'iarraidh sinn do dheighilt is do scaipeadh: ag druideam lé chéile ar ár ndícheall. "Cad tá ort? táir anbhacach" – "brughadh cloiche": gortughadh cloiche. "Brughadh ort!" mioneascainghe í seo, mar "léan ort": déarfá é dá mbeadh rud ag dul id choinnibh nó ag cur míoshásaimh ort. Sin gléas chun cloch do bhrughadh, nách mór an cuimhneamh é: do bhriseadh go mion. Brughadh ar mo chnámhaibh má innsim do scéal d'aonne: go mbristear iad! "Do bhriseas do mhaide" – "briseadh a's brughadh air! do bhí a fhios agam san ar na geáitsidhibh a bhí agat leis", seo mar deirtear le míoshásamh ceart. Toigh é sin fear maith i mbrughadh (imeartha) seadh é: i ndíorma a bheadh ag sádhadh a's ag teanntughadh a chéile. Tugadh brughadh maith do shean-Shasana i Seachtmhain na Cásca: bualadh do bhraith sí. Brostuigh! sin í an bád eile ag brughadh tharainn: ag teacht suas linn agus ag géarughadh orainn. Ná bíodh imshníomh ort, níl do righe briste, níl ar ach brughadh: níl aon rud scartha gidh go bhfuil rud éigin goirtighthe.

brughaim: [**brúghaim**] *b.a.* 7 *n-a.* fáiscim; brisim; leónaim; sádhaim; teanntuighim; dlúthuighim ar a chéile; smachtuighim; druidim lé; éilighim. Ná beir chómh cruaidh sin ar mo láimh nó brughfair í: ná fáisc an oiread san í go gcuirir tinneas orm. Brúigh ar a chéile na leabhartha san féach an bhfaighfeá slighe do cheann eile 'n-a measc: druid lé n-a chéile go dlúth iad. Bhrúigh an madra an cnámh lé n-a ghéarfhiaclaibh: do bhris é go mín. Brúigh na prátaidhe seo dos na mucaibh agus caith min ortha: bris iad go mbeid mar taos aráin. Brúigh isteach an doras léd ghualainn, tá sé an-dhocht: sáidh isteach lé neart do ghualann. Bhrúigheadar isteach i gcoim cnuic sinn i ndóigh go ngéillfimís: theanntuigheadar sinn: ní raibh aon tslighe éaluighthe againn ar ár gcúl. Is eól nách blasta an rud lé n-ól go minic oideas dochtúra, ach dún do shúile, brúigh ort féin a's scaoil siar é: smachtuigh an dochma atá agat roimis. Ná bí chómh támáilte, brúigh isteach tú féin: ná bíodh scáth ort roim aonne: druid isteach (an támáilteacht amháin a bhíos ag cosc sa chás so). Brúigh do ghaol air (ní thaithnigheann sé leis) agus gheóbhair rud éigin d'fhonn do chúram do chur de: cuir in iúil do dá chrois go bhfuil gaol agat leis. Brughfad do phus má labhair focal eile: déanfad míochúmtha é (athta, ag tabhairt fola nó a lithéid). Céaca is fearr leat prátaidhe brúighte nó prátaidhe slána: prátaidhe mionuighthe ar nós plúir nó mine. Tá turus fada romhainn, an aimsir ag dul i ndeireanaighe, brughaimís orainn: luathuighimis gan tuilleadh moille. Ní bhrúighfinn ar thigh do mhuinntire dá me thu, ní theastuighir ann, níl fáilte ag aonne aca romhat: ní bheinn sa tslighe ortha. "Cad is dóigh leat a fuair sé ar an gcapall? chúig phúint fhichead" – "ní fuláir nó táid an-shaor;

shaoileas go mbrúghfadh sé amach an deich fichead púnt": go scroichfeadh sé an méid sin airgid. B'fhuraist aithint ar an ndrochchuma a bhí air ná brughfadh sé amach an oidhche: ná mairfeadh sé go maidean. Ná brúigh tharm isteach: ná gaibh tharm lé breis deabhaidh nó nirt do dhéanamh ná tá agamsa: ná gaibh tharm. Bhruigheas orm féin, lé cion air, agus thugas fiche púnt do a theastuigh uaidh: rud dian orm dob eadh é ach dheineas é, a's d'fhágas me féin siar. Tá mo chroidhe brúighte ó obair agus gan faic dá bharr agam: cráidhte, cortha, míoshásta. Ná brúigh muinnteardhas ná gaol ná cómhangas orm, ní maith liom thu: ná tagair iad dom mar ní bheadh faic dá bhárr agat.

brúghtam: *f.1.* achrann fear i gcluiche nó i mbruighin; scata ag imreas lé chéile d'iarraidh greama d'fhagháil ar rud éigin, mar leanbhaidhe nuair caithfí airgead chúcha, díormaidhe daoine d'iarraidh teacht amach as thigh nó dul isteach, a's gan aon riar ortha, ar chara sráide, nó ar thraen, nó a lithéid eile, an fotharaga bheadh ar luing dhá bhádhadh. Chaitheas pingin chun na leanbh a's dheineadar brúghtam d'iarraidh í d'fhagháil. I lár an bhrúghtaim tímcheall na peile buaileadh sa lorgain me: cruinniughadh achrannach. Tá rian brúghtaim ar an mbóthair tréis na hoidhche: cómhartha go raibh dul trí chéile ann mar bruighean. Ar aonach bíonn brúghtam ag ainmhidhthibh a's daoinibh: sádhadh a's feacadh. Dá bhfeictheá na sluaighte ag bailiughadh isteach cun an amhránaidhe do chlos déarfá go raibh brúghtam ann: sluaighte ag dul-trí-chéile gan aon riar ortha. Brúghtam sa doras nuair tá sé ró-chumhang a's gach aonne d'iarraidh bheith chun tosaigh: achrann a's míriar. Léim an cat anáirde ar an gcornchlár, leag sé na háraistidhe a's do rinne brúghtam díobh: smidirínidhe.

brúghthaireacht: *b.3.* do bheith ag sádhadh i gcoinnibh; ag cur isteach ar: ag déanamh cómhangais. Leagadh é a's é ag brúghthaireacht trís na daoinibh: d'iarraidh slighe do dhéanamh dóibh tríotha. Bír ag brúghthaireacht orm i dtaobh tobac, ná bír? ghá chur in iúil gur mhaith leat tobac uaim gan é d'iarraidh as an gceann tsláine. Beir ag brúghthaireacht ar an bhfalla san go dtuitidh sé: ag teangbháil leis. Beir ag brúghthaireacht orm go mbuailead thu: ag déanamh ró-dhána, ag cur isteach orm. Bhí an dá ghluaisteán ag brúghthaireacht ar a chéile d'iarraidh dul chun cinn gur phléascadar a chéile: ag canntáil an bhóthair ar a chéile.

brúid: *b.2.* luath dhearg, luath bheó. Ní raibh sa teine ar maidin ach brúid: luath dhearg. Cuir na prátaidhe ag aiththéidheamh fén mbrúid. Sáidh an tlúth fén mbrúid: in íochtar na teine.

brúideamhail: *a.* ar nós an ainmhidhe, ar mhalairt nádúrdha an duine; gan riaghail bheathaidh; barbardha. Duine brúideamhail dob eadh Cromaill: gan aon choguas. Ná bí chómh brúideamhail sin id chuid cainnte: cainnt dhraosta.

brúideamhlacht: *b.3.* do bheith in aghaidh nádúrdha an duine. Lé n-a brúideamhlacht do chuir sé na príosúnaigh go léir chun báis: lé holcas a nádúra.

bruidhean: *b.2.* tigh taidhbhseach; áit chómhnaidhthe. Tá an tigh n-a Bhruidhin Chaorthain agaibh: tá sé maisighthe thar bárr agaibh. Seadh, stadfad-sa annso, sid í mo bhruidean-sa: m'áit (ghalánta) chómhnaidhthe-se.

bruidighim: (**broidighim**) gríosaim, luathuighim, brostuighim, daoirsighim, spreagaim, tafantuighim. Ná broidigh anois me, táim ar mo dhícheall: ná brostuigh tar ceart me. Beireann sé breágh bog air, fear nár bhroidigh é féin riamh seadh é: níor chuir sé aon duadh thar meón air féin lé breis oibre. Do bhroidigh sé an chonairt lé n-a ghlamghail: é ag béicigh ortha chun iad do spreagadh chun cinn. Broideóchair thu féin má chaithir do chuid airgid ar fad: cuirfir tú féin i ngádhtar.

bruidiughadh: (**broidiughadh**) (*-ighthe*) gríosadh, luathughadh, brostughadh, daoirsiughadh, spreagadh, tafant. Ní maith liom bruidiughadh, is mór gur fearr liom suaimhneas: luathughadh (gnótha). Táir ghod bhruidiughadh féin gan aon ghádh leis, ná fuilir ag tarang rudaidhe ort gan aon mhaitheas duit: ghod chur féin chun breis duaidh gan riachtanas. Saoiste dian dob eadh é ag bruidiughadh na bhfear, gan sos anála do thabhairt dóibh: ghá spreagadh chun breis oibre agus ná raibh ionta do dhéanamh gan duadh mór do chur ortha.

bruighean: [**bruidhean**] *b.2.* troid, achrann, imreas. Rud gránda neamhmaitheach seadh comharsain bheith ag bruighean le chéile: bheith d'iarraidh buadhachtaint ar a chéile lé neart géag, arm, nó ar aon chuma eile. An raighfeá ag bruighean liom?: ag troid: i gcomórtas nirt. Beidh bruighean mharbhthach ann mara gcoisctear an bheirt sin ar a chéile: beidh ghá fhéachaint lé n-a chéile go fíochmhar go dtuitidh do dhuine aca b'fhéidir. Lucht óil lucht bruighne riamh: an dream a bhíos ar meisce is gnáthach leó bruighean do bheith uatha. Lá na bruighne d'aithneófá do charaid: is in aimsir na troda cabharfadh do cháirde leat. "Bruighean atá uait? má seadh mise an fear duit": fonn chun bruighne? Ní h-aon fhear bruighne thu: fear macánta.

bruigheanach: *a.* (**bruigheantach**) [**bruidheanach, bruidheantach**] trodach, achrannach. "Ná bí bruigheanach: ná bíodh fonn troda ort. Duine bruigheantach, buailteach seadh an fear céadna san adeirir: fear seadh é ná réidhteóchadh lé haonne. **Bruigheantamhail**, leis.

brúighte: *a.* briste, claoidhte, dlúithte; palcuighthe, teanntuighthe; críochnuighthe. Prátaidhe brúighte, ní maith liom: prátaidhe briste as a chéile n-a mbruth. Cos bhrúighte: cos ghoirtighthe gan bheith briste as a chéile. A Mháirín bháin, is agat atá mo chroidhe brúighte: cráidhte, ciaptha, claoidhte. Seadh, tá an turus brúighte agat, is maith an teacht é sin: tá do thriall sroichte agat (i sín olc is minicighe deirtear so, nó fé dhuadh). Tá trí fichid bliadhain brúighte aige go hárd: tá sé os cionn na haoise sin. Táim brúighte, basctha ag an dtuiteam úd: goirtighthe, tinn. Tigh brúighte (lé daoinibh ná féadfá do chos do tharang ann dob eadh an tigh tábhairne nuair bhí an saoghal go maith: palcuighthe: cuid mhór daoine. Brúighte isteach sa chúine budh mhaith leat me do bheith: teanntuighthe gan slighe corruighthe agam. Fuairtheas marbh i ndíg é agus éadach brúighte síos n-a scórnaigh: sáidhte go docht. Leagadh ar na clochaibh brúighte me a's gearradh mo ghlúin: clocha géarbhriste. Cuir oráiste brúighte ar na cístidhibh baise: oráistidhe agus an sughlach fáiscighthe asta. Brúighte fé n-a chosaibh atáim aige: claoidhte ag gabháil lastuas díom: ag cur a thola n-a luighe orm.

brúighteach: *a.* do bheith ag brughadh. Do bhuail uain bhrúighteach an nadhbhóg: uain do bhris í. Níor bhrúightighe Cromaill ná é: níor bhrúideamhla é: bhí sé chómh barbardha.

brúighteacht: *b.3.* briseadh, meonughadh, claoidhteacht. Ní fhéadfadh an fear clog m'uaireadóir do chur lé n-a chéile lé n-a brúighteacht: lé méid a bhriste. Lé brúighteacht na bprátaidhe níor bh'fhéidir iad d'itheadh: a mbristeacht, a mion-mhine. Bíodh brúighteacht croidhe orm i dtaobh mo pheacaidhe: brón agus aithreachas i dtaobh mo chortha. Níor shlánuigh an chos riamh lé n-a brúighteacht: chómh mionbhriste sin ná ceanglóchadh sí airís. Nuair chídhim an driuch atá ar an mbochtán san gan ach leidhcidhe bróg ná oiread na léine air, cuireann sé brúighteacht orm: goilleann sé orm go géar.

bruinne: *b.4.* bruach, teóra, ucht. Mairfidh an charraig sin go bruinne an bhrátha: go deo, deó. Tháinig taom chómh trom san orm go rabhas lé bruinnibh báis ar feadh coighcís: ar thuilleamh báis, lé béal báis. Tá an taoide lán go bruinnibh: tá sé n-a lánmhór mara. Ghluaiseadhas ar mo bhruinnibh ar feadh an lae: suidhte rómham amach. Ní rabhais ach ar bhruinnibh do mháthar nuair bhíos-sa im fhear: ar bhrollach do mháthar: ar na cíochaibh.

bruinne-dhearg: aicíd a thagas ar eadáil; scaoilteacht go ndath ndearg.

bruith: *b.2.* do bheirbhiughadh, mar uisce, arán, uibhe, feóil etc. Cuir dhá bhruith an t-iasc so: cuir dhá ullmhughadh i gcóir ithte é lé hé do théidheamh.

bruithim: *b.a.* beirbhighim. Bruith na huibhe seo go cruaidh dom: cuir lé teas iad so dhom go mbíd soithte. Ní bhruithfeadh an teine sin faic choidhche, féach an crot dubh atá uirthe: ní bheirbheóchadh sí faic. Tá do chuid bruithte anois: réidh le n-itheadh.

bruithnisc: *b.2.* scaoth; cóip, saithe; scaoinsidhe; scraistidhe; graimrisc. Ná bíodh aon bhaint agat lé bruithnisc dhaoine: daoine suaracha gan aon uaisle ionta. Complacht (poilitidheachta) gan aon bhunadhas seadh iad, féach an bhruithnisc atá ghá leanamhaint: dríodar na ndaoine. Do bhailigh bruithnisc na gcúlshráid orm agus shaoileas go raibh mo ghnóth déanta: cóip, gráscar agus dríodar na cinidh daonna. Dá bhfeicfeá an bhruithnisc éan a bhailigheas ar an oileán san earrach ag déanamh a nead: bailiughadh d'iomad cineál.

brum: *f.* míoghnaoi, neamhmhuinnteardhas. Cad é an brum so ort-sa indiugh, budh dhóigh lé duine nár gháiris riamh: an mhíoghnaoi. Nuair bhíonn brum air ní théidheann sé in aice lé haonne: ní dhéanfadh sé aon mhuinnteardhas lé duine. Cuir an brum díot: cuir díot an ceal muinnteardhais.

brus: *f.3.* easair; smúit; blúiridhe beaga; an fuighleach, "díobháil". Cuir brus fés na hainmhidhthibh, mar tá an talamh fútha róchruaidh chun luighte air. Ar an bhfuadar atá fén bhfear san déanfaidh sé brus mar a stadfar é: díobháil: goirteóchaidh sé daoine nó brisfidh rudaidhe. "Connus a dheinis ag imirt na gcártaidhe?" – "ná bí ag cainnt, a dhuine, dheineas brus, bhuaidheas púnt": árd-obair. "Tá cuma mhaith oraibh, bail ó Dhia

oraibh, déanfaidh sibh brus ar an ngort san fé thráthnóna": obair ghroidhe. Dhein an ghaoth brus airéir, d'fhuaduigh sí barraidhe a's tighthe: dhein sí scrios. Dhein an gearrchaile bocht brus nuair chonnaic sí a máthair marbh: do ghoil sí go fuidheach a's go fada. Nuair chídhfeá duine (daoine) ag obair go fuadrach, lúthmhar déarfá "brus seadh é". Dhein na saighdiúiridhe brus den dtigh lé feirg: bhriseadar agus bhrughadar gach aon rud a tháinig treasna ortha. "Cad a fuaireas lé n-itheadh uatha?" – "an brus!": an fuighleach gan mhaith.

brus-: *i gcómhfhoclaibh* beag-, gearr-

brusaire: *f.4.* duine mear, gasta; teallaire; cleasaidhe; duine ná beadh róthoirteamhail agus go gcuirfeadh a dheallramh sa dhéanamh in iúil duit ná bíonn sé rómhínbhriathrach ar fad [tá an Ghaedhilg lán den saghas so focal ag ríomh daoine]. Ní theastuigheann do chainnt uaim in ao'chor, a bhrusaire: a dhuine nách cóir duit labhairt: duine róchainnteach ar fad. Brusaire seadh thu, a Liam, táim clipighthe agat léd chuid cleasaidheachta: teallaire beag seadh thu, a Liam. Tá aos maith anois aige, mar sin féin brusaire maith seanduine seadh é: go maith, sláinteamhail dá aos. D'aithnigheas ar an mbrusaire ná raibh aon deagh-fhuadar fé, d'fhaireas é, agus díreach agus é ag cur a láimhe im phóca rugas air: na geáitsidhe a chuir a chlódh in iúil dom a bheith ann.

brusaireacht: *b.3.* teallaireacht, míbhéas, deiliús. "Dá mbeinnse i nDáil Éireann bheadh malairt saoghail ag an nduine bocht, airgead lé lascáil, tigh breágh chun cómhnaidhthe ar bheagán oibre" – "tá brusaireacht agat": iomad cainnte ó dhuine gan tuigsint, gan úghdarás: déin rud éigin, níl aonne eile ag cainnt ach tu. Brusaireacht is fearr atá agat, is dóigh liom: cainnt (connus so súd do dhéanamh). Is maith a thuillis tu do bhualadh, ní fhéadfá stad ded chuid brusaireachta: ag cur isteach ar dhaoinibh eile.

brus-fhéar: *f.1.* féar cuibheasach maith. Níl móinfhéar maith ar an ngort, brus-fhéar maith seadh é: níl sé le moladh go mór ná lé cáineadh.

bruth: *f.3.* múirthle míochúmtha mar glóthach fhrog, cré nó taos, miotal i soirn; an t-uachtar bog a bhíos ar éadach ag clúdach na snáithínidhe, an rud clúmhach mar bhíos ar phlanndaidhibh. Bhíodh an t-iarann leachta n-a bhruth san bhfuairnéis: 'n-a mhúirthle mar bheadh bainne reamhar. Tá an féar ag fás n-a bhruth: chómh tiugh, dlúth san ar a chéile ná fuil aon scar ann. Tháinig an t-iasc n-a bhruth sa líon: iasc chómh flúirseach san gur dhóigh leat go raibh breac i ngach mogal. Luigh na cuileanna n-a mbruth ar an bhfeóil: bhíodar anuas uirthe mar bheadh brat lé n-a bhflúirse. Mara bhfanair socair stracfad an bhruth dhíot: bainfead an croiceann díot. D'imthigh an bhruth dem chasóig mhóir: tá na snáithínidhe lé feicsint. Tháinig bruth fharraige aníos ar fad ar an dtráigh: uain mhór. Bain an bhruth den éan: bain an clúmh de.

buac: *f.2.* leas, tairbhe, maitheas, bail. Sé do bhuac an tigh sin do dhíol anois, mar raighidh tighthe i saoire sara fada: is é do leas é. B'é do bhuac teacht abhaile leis an lá mar dob olc an oidhche í: b'fheárrde thu é. Sé a bhuac fuinneóg eile do chur air (an dtigh): cuireann san críochnughadh ceart air.

buacach: *a.* tairbheach, maitheasach, árdcheannach, bródmhar, mórtach, scléipeach. Fuaireamair biadh buacach: biadh saidhbhir folláin deagh-chóirighthe. Is buacach an peann é sin agat: slachtmhar, áluinn lé féachaint air agus go maith chun scríobhnóireacht. Ghaibh long bhuacach ó thuaidh indiugh: long go raibh cuma iongtach uirthe. Bhíomair ag gluaiseacht go buacach, bóthar mín againn, lá breágh a's gluaisteán nuadh: go scléipeach, gan mhairg. Ghluais na hóglaigh go buacach ar Oifig an Phuist maidean Luain Cásca: go hárdcheannach, meanmnach, go misneamhail. Fásann ubhla go buacach san ubhallúird sin: go flúirseach torthamhail. Bhuadhamair an rás go buacach, bhíomair céad slat rómpa: go bog, gan amhras ár bhfeabhasa.

buachaill: *f.3.* garsún in aois fir nách mór, fóghantaidhe, aodhaire; seirbhíseach, giolla; ógánach aontumha. Tá sé n-a bhuachaill bhreágh mhór, sé déag nó seacht déag de bhliadhanaibh: 'n-a ógánach mhaith. Buachaill mín, macánta atá dhá fhagháil aice: ógánach galánta ionphósta. Ní bheinn im bhuachaill agat: ní bheinn ag déanamh rudaidhe duit budh chóra dhuit féin do dhéanamh agus nár bh'fhiú liom ort é. Chaith sé a óige n-a bhuachaill aimsire ag fheirmeóiridhibh: ar fostadh dréir aimsire áirighthe, ráithe nó bliadhain. Cá bhfuil an buachaill breágh uaibh, budh mhór an maisiughadh oraibh é: an buachaill a bhíos gléasta go maith nó go mbíonn éirim thar an gcoitchiantacht ann. Béarfaidh an buachaill fartha scéala chughainn má chídheann sé an namhaid ag teacht: an té atá ceapuighthe go speisialta chuige sin. Cé chreidfeadh gur b'é an buachaill díomhaoin a dhathuigh na fallaidhe go léir: an duine go bhfuil ainm an díomhaointis agus na leisceamhlachta air. "Beir chugham callán uisce, a Shéamais" – "buachaill atá uait": duine a dhéanfadh do ghnóth dhuit (táir féin róleisceamhail): diúltuighim thu. "Buachaill ag Móire a's Móire ag lorg déirce" (seanrádh): duine ag iarraidh freastail ar dhuine eile agus gan ann é d'íoc as. Fág as san, ní fhéadfá-sa é do dhéanamh choidhche, fág fúm-sa é, mise an buachaill do: mise an té gur féidir leis san do dhéanamh. Bruighean atá uait? má seadh, seo chugham thu, mise an buachaill duit: an fear a thabharfaidh go leór troda dhuit. Bhailigh buachaillidhe óga an pharóiste ar an rinnce: fir óga na háite. Tugtar fé ndeara an earraidheacht do baintear as bhuachaill ar na cumaidhibh seo: - an bhfuairis an casúr fós? tá an buachaill agam. Cé uaidh a cheannuighis an t-asal san? cheannuigheas an buachaill ó thuinncéir. Tairng do dhoradha – ní fhéadfainn é, tá an buachaill i ngreim. An bhfeacaís an buachaill in aon áit? an té go raibh tagairt roime sin do nó go dtuigtear cé hé gan an ainm do luadh. "Cé is dóigh leat a chonnac indé?" – "Seán Ó Connchabhair" – "an buachaill céadna". Téidhidh i bhfolach, tá na buachaillidhe ag teacht: na daoine (nó an namhaid) nár mhaith libh go bhfeicidís sibh. Chuiris éitheach indé orm, nách breágh an buachaill tu? (searbhas) ionmholta. Budh bhreágh an buachaill me dá dtugainn mo chapall duit: gheóbhainn moladh ná tagann ón gcroidhe. "Chughat na buachaillidhe bána" (deirtear lé leanbhaidhibh chun iad do chur n-a n-éisteacht): tá do namhaid chughat. Tá na buachaillidhe bána lasmuigh: buachaillidhe a bhailigheas tímcheall tighe lé gleáchas, ag déanamh fothraim. "Cé bhris an fhuinneóg san?" – "na buachaillidhe bána": bleaigeárdaidhthe an cheanntair. Beidh na buachaillidhe bána go léir annso anocht: an díorma buachaillidhe sa cheanntar go mbíonn a mbaint leis an uile rud a bhíos ar siubhal.

buachaillidheacht: *b.3.* cúram buachalla nó aodhaire, gnóth giolla. Tá bean an tighe as baile a's táim ag buachaillidheacht cliabháin: ag tabhairt aire dos na leanbhaidhibh (don mbunóic). Ní bhím in aimsir sa tigh móir ach bím ag buachaillidheacht ann anois agus

airís: ag tabhairt aire dos na buaibh nó ag déanamh gnótha éigin eile tímcheall an tighe. Is feárr chun buachaillidheachta nó chun saoistidheachta me: dhéanfainn buachaill maith, ach drochshaoiste.

buachalán: *f.1.* saghas fiadhaile go mbíonn ceann buidhe air. Chuirfeadh buachalán eagla air, tá sé chomh neamhmhisneamhail sin: scáinteach (ist oidhche taidhbhsigheann siad ar chlaidhe do dhuine scáthmhar (roim púcaidhe) mar dhaoine.

buadh-: *i gcomhfhoclaibh* iongtach, deárscnach, éachtach. Buaidhdheoch etc.

buadh: *f.1.* maidhm namhad i gcath nó cóimhghleacaidhe in iomarbháidh; sárughadh in aon choimheascar (ar chathughadh, caise etc.): conncas, claoidheachtaint; feart, feabhas, beith. Tá báire breise (in imirt) againn oraibh, tá an buadh againn: tá sibh claoidhte againn: tá an lá againn oraibh. An bhfuil an buadh agat (tréis comórtais nó iomarbháidhe)?: ar éirigh leat an rud a bhí uait do ghnóthughadh. Buadh leat! go maith! go n-éirighidh leat! abú! Caithfead stad, ní fhéadfainn a thuilleadh do dhéanamh, tá an buadh orm: táim claoidhte. Rugamair buadh catha i mBéal Átha Buidhe: do chlaoidheamair agus chuireamair an teicheadh ar an namhaid. Tá sé de bhuadh ag an oideas so go leighiseann sé dathaca: tá sé de bhrigh ann. Fear dob é ná cuirfeadh aon rud fearg air, bhí san de bhuadh aige: beith nádúrdha. Cad é an buadh atá ag an dtobac so seachas aon tobac eile, go bhfuilir dhá mholadh? Buadh buancais: brigh ann go maireann sé níos sia. Buadh aige seadh é: nidh rúnda (chun leighis, chun éaluighthe ó chonntabhairt, chun an nidh ceart do dhéanamh i gcómhnaidhe, etc.). Tá sé de bhuadh ag an gcloich sin, aonne go mbíonn tinneas droma air agus a bhuaileas a dhrom léi go n-imthigheann sé: tá an feart rúnda, dothuigse sin innte: tá na bearta san aice. Beir buadh agus beannacht: carbhall molta deaghghuidhe so, deirtear é lé duine a bhíos ag fágaint, cuirtear é i leitir. Deoch bhuadha seadh fíon bán: deoch seadh í seo go bhfuil bearta aice a dhéanfadh maitheas d'aonne. Níl lá dá shaoghal ná fuil sé ag breith buadha: ag dul chun cinn.

buadhach: *a.* ag baint lé buadh; tréis buaidhte i gcath nó in iomarbháidh, ag breith buadha nó treise: ag foillsiughadh an bhuadha; luachmhar. Má táir síos féin anois, beir buadhach fós: éireóchaidh leat. Táim buadhach san imirt seo, tá scilling agam dá bhárr: d'éirigh liom. Sin í an bád buadhach, tá sí ag tarang chun cinn: tá cuma urithe go mbuadhfaidh sí. Is iomdha rás tógtha aige, capall buadhach seadh é: éirigheann leis.

buadhachtaint: *b.3.* (**buadhachtain**) ag dul chun cinn; ag fagháil an lae; buadh; tairbhe, maitheas, breis, bail. Má tá airgead féin aca, cad tá dhá bhuadhachtaint aca leis? cad é an dul chun cinn atá aca dá bharr? Is dóigh liom go bhfuilir ag buadhachtaint orm: go bhfuilir d'iarraidh bheith rómhaith dhom le calaois. Céaca capall atá ag buadhachtaint? ag dul chun cinn. Tá an t-aos ag buadhachtaint orm: ag gabháil lastuas díom, ghom lagughadh. Níl an aimsir ag buadhachtaint ort: níl aon chuma aoise ag teacht ort. Is deacair buadhachtaint ar fhear mhaith: is deacair é do chur fé chois. Cad é an bhuadhachtaint duit do chuid airgid do chur san mbanc san, nách é an teacht isteach céadna dhuit é? an bhreis, an tairbhe. Ní haon bhuadhachtaint fanacht go dtí ambáireach

chun do chuid oibre do dhéanamh: ní haon bhail é: is mar a chéile é do dhéanamh indiugh. Beidh faid an lae ag buadhachtaint ar an ndroch-aimsir: cuirfidh feabhas uirthe.

buadhaim: *b.a. 7 b. n-a.* saothruighim, gnóthuighim, sroichim (triall); claoidhim (ar); tairbhighim (le); cinnim nó molaim i bhfabhar (le); gnóthuighim (le). Bhuadhamair an cath: do bhí an lámh uachtair againn: do chlaoidheamair ár namhaid. Cé bhuaidh an cluiche peile? cad é an taobh go raibh breis na himeartha aca? Chuireas geall go mbuadhfadh mo chapall agus bhuadhas: do thuit an geall liom, mar tháinig mo chapall isteach ar tosach. Buadhfair an cluiche ach aire thabhairt dod chártaidhibh: beidh toradh na himeartha agat etc. Buadhfair ar do lucht comórtais: claoidhfear iad, beidh an chuid is feárr agus toradh an choimheascair agat. Bhuaidh sé bonn óir ar rinnce: ghnóthuigh sé, toisc gur bh'é a dheárscnuigh: gur bh'é an rinnceóir do b'fhearr é. Buadhadh an chúis leis fén ndlighe: tháinig lucht na dlighe ar an gcómhairle an rud a bhí uaidh do thabhairt do. Níor bhuadhas faic riamh: do theip riamh orm. Ní bhuadhfadh an diall féin ar an bhfear san lé feabhas: tá sé chómh maith sin ná fuil a mháighistir lé fagháil. Ní bhuadhann aonne faic lé bheith ag innsint éithigh: ní bhíonn faic de bharr éithigh ag duine. Go mbuadhaidh Dia leis, mar is fiú san é: go dtugaidh Dia go n-éireóchaidh leis ar gach cuma. Buaidh a's treise leat: rath agus sonas ort. Nár bhuadhaidh Dia ná Muire leó, na daoine fealltamhla: ná raibh pioc ratha ortha. Bhuadhas lé neart mo ghéag an rás: d'éirigh liom toisc a nirt. Féach ar sin mar áit áluinn, cad bhuadhfadh air: ar bh'fhéidir go mbeadh an áit níos áilne. Tá buaidhte agat ar an saoghal (lé feabhas, gliocas, olc etc.): is tú is feárr dá dtáinig riamh. Ní bhuadhfainn lé cam ar aonne: ní bhein sásta lé bheith rómhaith d'aonne le haon tslighe ná beadh ceart. Connus bhuaidh sé a bhean? do shroich sé í d'aindeóin basc a's cosc.

buadhfhoclach: *a.* bríoghmhar i gcainnt. Labhrais chómh buadhfhoclach san gur tháinig gach aonne: chómh héifeachtamhail, cómhachtach. Cailín buadhfhoclach seadh í, mheallfadh sí croidhe aonne: milis, binn.

buaic: *b.2.* fíorbhárr, mullach; maide droma tighe; faobhair anáirde dín (tighe). Leath do chosa ar bhuaic an tighe seadh is sábhálta thu: cuir cos leat ar gach taobh den bhfaobhar. D'éirigh an lasair as an dtigh anáirde go buaic na spéarach: budh dhóigh leat go raibh sí ag bualadh anáirde. Táim tuirseach den mháighistir, bíonn ag fagháil lochta orm, a's ghom chrádh an uile lá, bíonn sé sa bhuaic orm: sa mhullach: gan aon fhaoiseamh do thabhairt dom, "i ndiaidh". Cuir snaidhm bhuaice ar an gcórda so nó scúghfaidh sé: snaidhm anuigh ar a cheann.

buaiceas: *f.1.* sreang bhog chadáis, nó blúire leathan, tanaidhe, a thairngeas an oíle aníos chun na lasrach i lóchrann, nó an chéir mheilte i gcoinnil. Tá sé chómh caol marbh le buaiceas: bog gan tapa a's lom.

buaidheartha: *a.* suaidhte, brónuighthe; achrannach, trodach. Tír bhuaidheartha seadh an Ghearmáin ó stad an cogadh mór: suaidhte, gan suaimhneas. Tigh buaidheartha seadh é, tá marbh, pudhair mhór, ann: brónach, suaidhte. D'fhág mo bhean scéal buaidheartha agam nuair d'imthigh sí uaim: scéal clamparach. Ná fanfá socair tamall éigin a's gan

bheith buaidheartha, ag cur troda ar dhaoinibh: achrannach, toirmioscamhail. Bailigh leat, más toil leat, ní bhead buaidheartha id dhiaidh: brónach, dubhach.

buaidhearthóir: *f.3.* corruightheóir bróin, duine achrainn. Léan ort, mar bhás, is tú an buaidhearthóir: a chuireas brón a's cruadhtan orainn. "Anois", ars an mháthair lé n-a hinghin lé linn a pósta, "nuair raighir ameasc muinntire do chéile ná bí id bhuaidhearthóir": ná bí ag déanamh clampair n-a measc. Ní bheadh aon dochar eadrainn mara mbeadh buaidhearthóiridhe do theacht n-ár measc: lucht tormaisc.

buaidhirt: *b.3.* (*-dheartha*) brón, duairceas; imreas, clampar; coimheascar, dul-trí-chéile. Nuair chídhim do cheasnaidhe cuireann sé buaidhirt orm: brón. Tháinig buaidhirt orm nuair chonnaic sé me, mar chuireas i gcuimhne dho ár ndreatháir marbh: duairceas. Tá mo chlann ag déanamh buaidheartha dhom, iad éirighthe suas a's gan aonne aca i gcrích fós agam: ghom chur trí chéile. Bliadhanta buaidheartha dob eadh bliadhanta na gorta, daoine ag fagháil bháis le hocras a's ag imtheacht thar lear ó n-a mbailtibh dúthchais: bliadhanta go raibh clampar a's brón a's duairceas ar fuaid na tíre. An cuimhin leat an lá úd go raibh trí bruigheanta againn lé buachaillidhe Chinn Trágha? b'shin é lá na buaidheartha againn: lá gan suaimhneas a's gan imshnímh. Déanfaidh an lá so buaidhirt fós indiugh: tiocfaidh droch-aimsir, nó beidh achrann ann. Tá an peann so ag déanamh buaidheartha dhom mar ná scríobhann sé go maith: ag déanamh clampair a's moiscais dom. "Mo bhuaidhirt é!" deirtear le rud ná cuireann mairg ort. Dá mbeinn ag cur buaidheartha ort thiocfá ar mo thuairisc: dá mbeithfeá trí chéile im thaobh nó aon mhairg ort. Níl sé ag cur buaidheartha ar aonne an stracaire bocht, dealbh: níl aonne a thabharfadh lámh chóganta dho. Leig dom féin, a dhuine, nílim ag cur aon bhuaidheartha ort: ag cur isteach ort.

buaidhreamh: (**buaidhreadh**) *f.1.* ceasnaidhe, mairg, clampar, cúram, ciapadh, imshníomh. Tá buaidhreamh éigin cuirp ort, aithnighim ar t'aghaidh é: ceasnaidhe. Ná déin aon bhuaidhreamh díom-sa, níl aon bhaint agat liom: ná bíodh aon tsuathadh aigne ort im thaobh. Chaitheamair oidhche bhuaidhrimh ag feitheamh lé nbhur dteacht ón bhfarraige, eagla orainn go raibh rud éigin éirighthe dhíbh: oidhche fé imshníomh. Is mór an buaidhreamh do cheann tighe scata leanbh do chothughadh sa tsaoghal bhocht so: cúram a's imshníomh. Tá an iomad léightheóireachta le lagsholas ag buaidhreamh mo shúl: ag gortughadh, ag goilleamhaint ortha. Ní haon bhuaidhreamh liom amhrán do thabhairt díbh: duadh.

buaidhrim: *b.a.* 7 *b. n-a.* crádhaim, brónuighim, clipim, cuirim trí chéile; éirighim brónach. Ná buaidhir me, gach lá ag lorg bróg nó éadaigh nuadha, éirigh as: ná cráidh me. Ní bhuaidhirfinn aon rud thú mar tá a fhios agam go bhfuilir anghnóthach, mara mbeadh etc.: ní chuirfinn as duit. Buaidhirfidh siad an dúthaigh lé n-a gcuid óráideachta i dtaobh iomchogaidh: cuirfidh trí chéile í. Do bhuaidhir sí nuair chonnaic sí a fear marbh: tháinig brón agus fonn guil uirthe. Ná buaidhir tú féin liom: na bac liom. Ná buaidhir tú féin lé leabharthaibh: ná bain leó. Ná buaidhir tú féin leis mar scéal: caith as do cheann é. Níor bhuaidhir sé é féin le biadh ó buaileadh breóidhte é: is cuma leis mar gheall air.

buaidhte: *a.* gnothuighthe, sroichte, soláthruighthe, tairbhighthe, claoidhte. Ag obair riamh dom a's gan faic buaidhte agam leis: aon rud breise dá bhárr. Cad tá buaidhte agat lé me do bhualadh? an bhfuilir pioc níos fearr as? Nílim faic buaidhte caillte leis an imirt: nílim chun cinn ná chun deireadh leis. Tá an cluiche buaidhte air: tá sé tréis bháis. Airgead buaidhte seadh airgead ná caithtear: i dtaisce. Táim ag lagughadh, níl ionam tuilleadh do dhéanamh, tá buaidhte orm: táim claoidhte. Cad tá buaidhte agat ar na ráiseannaibh: cad é an méid bhreise airgid atá agat de bharr geall do chur? An dá luing ag rás lé chéile ar feadh lae agus oidhche. Ar maidin bhí deich míle buaidhte ag ceann aca ar an gceann eile: dulta chun tosaigh uirthe. Táim i gcás idir dhá chómhairle dul nó fanacht, ach tá buaidhte agam orm féin sa deireadh: tá beartuighthe agam ar an nidh, dar liom, is fearr. Is maith liom a chlos go bhfuil buaidhte ar an ól agat: go bhfuilir éirighthe as, deamhan an óil claoidhte.

buaile: *f.4.* log bó nó crúidhte; an clós n-a mbíonn aoileach; cródh nó gabhan. Téidhidh amach ar an mbuaile lé chéile, tugaid náire dhóibh féin os chómhair na gcomharsan: bíd ag troid 'sag achrann lé chéile go poiblidhe: ar an mbán lé chéile. Is dána é coileach ar a bhuaile féin: cois baile is dána duine. Caitheadh 'on bhuaile me! nuair ná raibh aon ghnóth ná aon mheas orm is beag cneastacht fuaireas ó lucht an tighe. Tá an fheóil sin lobhtha, gan aon mhaith, caith 'on bhuaile í: caith uait í.

buailim: *b.a.* ₇ *n-a.* teangbhálaim lé rud go tapaidh; cnagaim (ar), casaim le, teangbhálaim ar, triallaim; claoidhim; luighim (fe); déinim, cúmaim (airgead); sroichim; friothchorruighim. Buaileann mo chroidhe nuair bhím ag rith, is baoghalach ná fuil sé ró-fholláin: corruigheann sé thar mar is ceart do. Buailim ar an ndoras ghá chur in iúil go bhfuil duine amuigh. Teangbhálaim leis i slighe a dhéineas glór: cnagaim air. Ná buail ar an bhfalla san, tá aol fliuch air, saileóchair thu féin: ná teangbhaidh leis: ná luigh leis. Má bhuailir púnt ar dhá phúnt beidh trí puint agat: má aduighir, má chuirir etc. Buail ort an hata so: cuir ort é: caith é. Buail ort, ná fan nochtuighthe: gléas tu féin. Buail ort anois táim réidh: gluais chun cinn. Bhuail sé air isteach: lean sé air isteach. Níl a dhóthain guail ar an dteine sin, buail a thuilleadh uirthe: cuir breis ghuail uirthe. Buail thart ar an mbórd na leabhartha san: leag ann iad as do láimh. Iarann te a dhóthain fós seadh é buail air: méaduigh nó lean det iarracht. "Buail ubh do (an t-othar) ar leamhnacht is brannda" ars an dochtúir: leighidh é lé hionfairt. Buail orm ar a 3 a chlog ag an gcúinne: bí ann ag feitheamh lé me bheith ann: cas liom. Cé bhuailfeadh orm indé, an dóigh leat? cé thárlóchadh im threó. Dá mbuaileadh Dia an t-ádh ortha go mbuadhaidís an crann-chur, bheadh a ndóthain aca: dá gcuireadh Dia etc. Buail buille ar an iarann so: tabhair buile do. Ná buail bob ar aonne: ná déin cam ar aonne. Bhuail an dá luing ar a chéile agus briseadh ceann aca: chnagadar a chéile: thángadar dlúth ar a chéile go tapaidh, le fuinneamh. Tá tuirse ort, buail fút ar an gcathaoir: suidh. Na céadta blaidhan ó shoin do bhuail mo shínsear fútha san áit seo: d'áitigheadar an áit: lonnuigheadar ann. Bhuail an fear bocht a cheann fé nuair chonnaic sé gur daoradh a mhac: chrom sé a cheann lé náire. Shuidh sé cois na teine sa chathaoir tréis a lae cruaidhe oibre agus bhuail a cheann fé: thuit sé dá chodladh. Buaileann na héanlaithe i gceann fútha le tuiteam oidhche: téidhid a chodladh. Ní haon mhaith bheith ag iascach anocht airís, do bhuail an t-iasc a cheann fé: chuaidh sé ar tóin puill: ní bheidh sé ag ráithidheacht feasda. Buail fút an chathaoir seo, sí is seascra: cuir fút, suidh uirthe. Do bhuail sé fé n-a chuid oibre go himshníomhach:

chuaidh sé i dtreo a chuid oibre. Bhuaileas fúm mo bhóna agus mo charbhat: chuireas orm iad. Buaileadh an capall fén dtrucail (fén gcéachda): ceangladh di é. Nuair éirigh an ghaoth bhuaileamair an seól fén mbád: d'árduigheamair seól uirthe. Nuair bhíos ag rith tharais bhuail an bitheamhnach cos fúm agus leag me: chuir sé a chos treasna rómham. Thugamair seal maith ag iomrascáil ach sa deireadh bhuail sé fé thíos me: do leag sé me agus é im mhullach. Do buaileadh fé indé é, b'éigean do luighe: tháinig breóidhteacht air. D'imreadar go maith ach buaileadh fé iad: chuir an taobh eile an buadh ortha. Buail fé ar an mbórd do hata: cuir ar an mbórd. Buail fé an bórd: leag an bórd in áit áirighthe. Bhuaileas aol fén dtigh: chuireas aol air. Do bhuail gála fén seól a fhuaduigh é: tháinig air go hoban. Bhuaileas an t-árus ar mo cheann: chuir an t-árus (gloine, cupa, bolla etc.) chun mo bheóil. Buaileadh an diall (an croidhe) as Cearpointiar nuair bhí sé ag troid le S. Ó Díomsaigh: fuair sé bualadh uathbhásach. Buaileadh feadh an leathchinn me: treasna. Buail clúdach éigin féd ghuailnibh ón bhfuacht: tímcheall do ghualann. Is cuma cad dheirid id choinnibh, ná cuireadh sé aon mhairg ort. Buail féd chois é: ná leig ort go gcloisir iad. Tá ár ndóthain ráidhte againn i dtaobh ár n-aindeisidhe, buailimís fé n-ár gcosaibh iad: ceilimís iad. Buail as san, a mhadra: fág an áit sin. Buail as san go tiugh, tá an falla ag tuiteam ort: imthigh! "Buail as san": seachain: seasaimh i leathtaoibh. Tá do chion oibre déanta agat, buail aiste: éirigh aiste. Dá mbuailfeá as so go B'l'Áth Cliath chídhfeá radharc áluinn: dá dtaisdealófá agus tú bheith ag lorg áilneachta. Do bhuaileas an t-anam as: thugas bualadh an anama dho: bhuaileas go trom agus go fada é. Buail an tsmúit as do chuid éadaigh: ruaig í lé suathadh do thabhairt do. "Cár buaileadh tú, táir an-ghoirtighthe?" – "buaileadh as mo cheann me": sa cheann, ar an gceann. Buaileadh an long ar a deireadh: ins an deireadh. Cad as gur bhuail an duine iasachta so chughaibh? cad é an áit go dtáinig sé as? Toisc ná féadfaimís an cíos d'íoc buaileadh as an dtigh sinn: cuireadh lé cómhacht amach sinn. Dhá bhliadhain ó shoin nuair buaileadh as mo shláinte me: nuair chuir rud as mo shláinte. Nuair stad na caraidhe sráide buaileadh trí mhíle fear as obair: caitheadh as obair iad. Buail as san an corcán san in áit éigin eile tá sé sa tslighe ann: tóg é go háit eile. "Buail as so!" imthigh! tá an ghráin agam ort. Buail as mo radharc! scrios! Buailfead crúdh as an iarann so: déanfad crúdh dhe. Buail síos an bóthar: gaibh, siubhaluigh. Do bhuaileas amach an cnoc: ghaibheas, shiubhaluigheas, thaisdealas suas amach go mullach. Bhuaileadar amach: d'éirigheadar amach (as thigh): chuadar fén spéir. Lá breágh buaileann amach ón gcathair daoine ag siubhal fés na sléibhtibh: tagann. Buail uait an leabhar san, is mithid duit bheith cortha aige: cuir uait in áit éigin. Buail uait me, táim róthrom lé n-iomchar: leag díot me. Béarfaidh do mhadra orm mara mbuailir uaim é: muna dtiománair uaim é. Dá mbuailinn uait anois nách tú bheadh go sásta it aonar: dá bhfágainn thu. Táid 'ot ionnsaidhe go fireann, maith an fear. Chaitheas stad, buaileadh amach mé, bhí an obair ró-dhian dom: do claoidheadh, traochadh mé. Buail uait iad! cuir ar gcúl iad. Níl an tairnge sin ag dul isteach, drochchasúr atá agat. Buail! buail airís! Buail ó thalamh é: buail go láidir, tapaidh, minic é. Bhuail an long aniar ó Thalamh an Éisc: tháinig as: ghluais. Céagaibh a bhuail ó thúis an duine eile? céagaibh go raibh an chéad bhuille aige? Buail chugham ambáireach má bhíonn eaga agat: tair chugham. Buail chun stad na traenach: téir fé dhéin. Má theastuigheann na leabhartha san uait, buail chughat iad: árduigh leat. Nuair ná fuair an bitheamhnach aonne sa tigh, bhuail sé chuige ar fhéad sé: thóg sé nó d'árduigh sé leis ar bh'fhéidir leis. Buail chun na gaoithe an bád: cuir i súil na gaoithe í. Buail chughainn aon uair: tair ar cuaird: ná bíodh aon deabhadh ort ag teacht. Buail thart do bhróga annso: cuir annso iad in áit chúláistigh.

Bhuail sé tharm amach gan oiread a's focal do labhairt liom: ghaibh sé tharm: bhi sé im dhiaidh agus d'imthigh sé rómham. Ní fheadar cár bhuaileas tharm mo sparán, ní bhfaighim in aon áit é: cár chuireas é. Bean mhuinnteardha leanamhnach seadh í, níor bhuail sí tharm riamh: níor casadh orm í nár stad sí agus chuir cainnt orm. Níor bhuail sé thar tigh gan teacht isteach: níor ghaibh sé: níor ghluais sé. Ná cuireadh a fhéile aon iongadh ort, do bhuail sé ó dhaoinibh maithe: tháinig sé, thúirling sé, shíolbhuigh sé. Buaileann fuaim ón bhfaill nuair bhriseann an fharraige n-a coinnibh: gluaiseann: tagann. Buaileann an ghrian an charraig ón dtaobh theas: ar an dtaobh san. Ní bhuaileann an ghrian an loch ó aon taobh: ní luigheann sí ar an loch in ao'chor. Cár buaileadh an t-airgead so i gclódh: cár cúmadh é. Buaileadh me i luigín an bhathais: bhraitheas tosach (an tinnis) ann. Buaileadh i bhfiabhras me an bhliadhain chéadna: síneadh me. Buail roimis sa Daingean: bí fé n-a bhrághaid. Labhair sé liom ach bhuaileas rómham gan é d'fhreagairt: d'imthigheas mo bhealach: thugas mo bhóthar orm. Daoine bochta iad san a bhíos ag bualadh rómpa: gan aon áit áirighthe le stad aca. Buaileadh biadh maith ar an mbórd rómham: cuireadh os mo chómhair. An tusa bhuail an fear so ar dtúis? ní me, bhí sé buailte rómham-sa: sar ar bhuaileas-sa. Buail romham an doras: bíodh an chéad bhuile agat. Buail roimis, stad é: sáruigh é, tair treasna ar a bhealach. Buail roim do namhaid: bíodh an chéad bhuile agat. Buail do cheann liom, a leinbh: cuir (leag) do cheann isteach lem chorp. Nuair bhuaileas leis an bhfalla shailigheas mo chasóg: do theangbhálas air. Bhuail sé me le buille do leag me: thug sé buille dhom. Sé duine is aite dár bhuail riamh liom é: a tháinig treasna orm, a choidrigheas, go bhfuaireas aithne air. Bhuail sé lé n-a cheann me: is é a cheann an ball de a luigh orm. Buaileadh an fáinne le neamhannaibh: cuireadh neamhanna ann annso agus annsúd mar bheadh réalta sa spéir. Buaileadh fallaidhe an tighe: cuireadh rud mar bharracht fútha chun aghaidh shleamhain, mhín do bheith ortha. Do bhuail sé lé n-a chroidhe í: d'fháisc go ceanamhail í: do thug sé cion di. Buailidh bhur lámha lé chéile: cuiridh dlúth ar a chéile iad. "Ná buail liom!" seachain me; fan uaim. "Cé bhuail liom ach Séamas" – "ní bhuailfeadh fear is fearr leat": ní thiocfadh treasna ort etc.: níl a lithéid ar fheabhas ann. Buail lámh liom nó sleamhnóchad: cabhruigh liom. Buail lámh leis an ualach: tabhair cabhair chun a choimeádta réidh nó chun a iomchair. Buaileadh lé náire me nuair dhoirteas an t-uisce ar an éadach cláir: tháinig náire mhór oban orm. Buail lé duine éigin a éisteochaidh leat: ní éisteochad-sa leat. Cá mbuaileann an t-airgead ar fad leis? connus gheibheann sé é? Buaileadh idir an dá shúil me lé dorn lathaighe: isteach go cruinn. Buail mar seo: gaibh an treo san. Buail umat: cuir ort. Buail ort: gléas tú féin (lé deallramhadh deabhaidh). Buail umam ar a naoi a chlog ag Galán Neilsean: cas orm ann. Bhuaileas umam mo chasóg mhór agus mo hata: chuireas orm iad. Buail ort isteach: téidhir ar aghaidh, ná déin sos. Buail ort: gluais chun cinn. Is ait liom gur bhuail an capall san tu: gur speach sé thu.

buailte: *a.* claoidhte; teangbhuidhthe le; clóidhte; leachta (mar ubh); sroichte; in athchomaireacht; cúmtha (mar airgead); bailighthe (an aigne). Téidhir 'on leabaidh, táir buailte amach ag an gcodladh: ní féidir leat fanacht id dhúiseacht a thuilleadh. Ní fhéadfainn an t-ualach d'iomchar slat eile, táim buailte aige: traochta. Bhíodar buailte gesna ceisteannaibh do chuireas ortha: ní rabhadar in ann iad d'fhreagairt. Tá seal maith ó fhág sé, budh chóir go mbeadh sé buailte leis an mbaile anois: go mbeadh an baile sroichte aige! Ní déarfainn go bhfuil sé a deich a chlog fós, ach mo thuairm go bhfuil sé buailte leis: i ngiorracht do. Táim deimhnightheach ná rabhamair buailte lé chéile roim an

mbliadhain 1920: ná raibh coidreamh nó aithne curtha againn ar a chéile roim an mbliadhain sin. Fásann féar as an dtalamh buailte ar a chéile: andhlúth. Nuair bhíonn a seacht agus a trí buailte ar a chéile againn, bíonn a deich againn. Ní fhéadfainn a innsint céaca fear is fearr, táid chómh buailte sin ar a chéile: duine aca chómh maith leis an nduine eile. Ní rabhas ach buailte thar an ndoras nuair chuir duine éigin a cheann amach: gabhtha, siubhalta, triallta. Dá mbeinn buailte leat in am raghaimís chun na bpeictiúiridhe, ach tá sé ró-dhéidheanach anois: dá dtagaimís treasna ar a chéile etc. Tá na h-oileáin sin buailte annsan riamh: táid ann ó thúis an tsaoghail. Budh dheacair a rádh, céaca capall do bhuaidh, bhíodar buailte suas lé chéile: ar chóimhrian. Tá an coirce seo buailte: an gráine scartha ón dtuighe. Is mór an cíos atá buailte ar ár dtigh: leagtha: curtha. Earraidhe áirighthe iad san go bhfuil cáin fé leith buailte ortha: curtha ortha. Bíonn mío-ádh éigin i gcómhnaidhe ort, ní fheadar cad tá buailte ort: cad tá os do chionn: cad é an mío-rath a leanas tu. Tá an scéal úd buailte isteach im aigne chómh doimhin sin ná dearmhadfainn choidhche é: suidhte: ceangailte. Ní bhrathaim go maith in ao'chor, tá eagla orm go bhfuilim buailte: dem threóir: deireadh liom. "Freagair me" – "ní fhéadfainn é, táim buailte": níl ar mo chumas an freagra atá in easnamh do thabhairt uaim. "An bhféadfá éirghe?" – "ní fhéadfainn, táim buailte": táim rólag: níl an neart ionam. Níl aon rud chómh maith le hubh buailte do dhuine lag: ubh leachta lé n-a shuathadh. Tigh buailte seadh é: tá an obair bhrícidhe nó chloiche clúduighthe lé barracht, nó a lithéid. Chaitheas dhá bhliadhain buailte breóidhte im leabaidh: ag fulang breóidhteachta. Níl an t-airgead nuadh buailte fós: curtha i gclódh, déanta. Tá sé buailte in Áth Cliath le bliadhain: n-a chómhnaidhe. Táimíd buailte go maith i ngaol lé chéile: gaol geairrid eadrainn.

buailteach: *a.* tugtha do bheith ag bualadh, achrannach, trodach. Seachain tú féin ar an nduine sin, duine buailteach seadh é: bhuailfeadh sé thu gan puinn cúise. Ná bí buailteach, bí bagarthach: dá mhéid cainnte a bhíos agat ná cuir isteach ar aonne. An bhfuil an capall san buailteach? an speachann sé daoine?

buailteán: *f.1.* an leathbhata den súiste go scartar an gráine leis. Leasainm ar dhuine a bhíos trodach.

buailtidheacha: (**bualadh**) Nuair bhí sé óg budh ghnáth leis bheith ag bruighean, agus gheibheadh sé buailtidheacha troma: goirtíghtí agus basctí é.

buailtín: *f.4.* ainm áite, buaile beag.

buaine: *b.4.* (**buaineacht**) faidmhaireachtaint, acfuinn rud d'fhulang. Oibridhe maith seadh é, ach níl aon bhuaine ann: ní sheasuigheann sé i bhfad: coirthear go luath é. Éadach é sin go bhfuil buaine an domhain ann: tá an chulaith agam lé dhá bhliadhain: ní théidheann olcas ná drochchuma air ar feadh i bfhad. Lé buaine an fhir thug sé an lá ar fad ag obair gan stad, gan biadh: feabhas, neart chun seasta.

buairicín: *f.4.* blúire beag adhmaid a cuirtear i súil téadán chun é do chosc ar shleamhnughadh: blúire leathair, toirt pingine nó mar sin agus poll 'n-a lár a cuirtear ar

chórda do chur ceaisilidhe ag rinnce chun ná sleamhnóchadh an córda idir na méireannaibh: an blúire cruinn ar pheil mar a gcaoluigheann na sráicidhe chun a chéile.

bualadh: (*-ailte*) do léasadh go mear tapaidh; an gráine do scaramhaint leis an dtuighe; cath, troid; corraighe mear, claoidheachtaint, bualadh (le), do chur i gcomórtas. Táid ag bualadh chruithneachta lé súiste: ag scaramhaint lé neart an ghráine ón dtuighe. "Buaileadh agus goirtigheadh me" – "bualadh an lín ort": bualadh trom mar tugtí don líon san tseanaimsir. Sid í an pháirc go mbeidh an bualadh báire uirthe: an comórtas peile nó iománaidheachta. Is iongtach an bualadh atá idir an dá fhuirinn sin: imirt an-mhaith ar fad. Is beag an bualadh óir a déintear anois: ní cuirtear i gclódh é agus cómhartha na rioghachta air. Talamh gan bualadh na gréine air ní maith é chun aibighthe gan a aghaidh leis an ngréin. Tigh seadh é i lár crann gan bualadh gaoithe air: séideadh na gaoithe: luighe na gaoithe. B'fhuraiste nách fada théarnóchadh sé, mar is fada bualadh croidhe air: an croidhe ag gluaiseacht níos mire ná mar bheadh croidhe cosamhail: rith ar a chroidhe. Tugadh bualadh bas do le háthas nuair cualathas an óráid uaidh: do ghread an lucht éisteachta a mbasa ar a chéile. Ní raibh faic ach bualadh bas san dtigh gcéadna lé brón an bháis: greadadh bas lé brón. Rug muinntir an tighe air ag goid uatha, agus thugadar bualadh ó thalamh do: bualadh trom a bhraith a chorp go maith. Os cionn deich seachtmhaine do bhí lucht feadhma ar stailc oibre agus seo-seadh-sin ar siubhal idir iad féin agus an lucht adhmanais gan aon tsocrughadh; budh mhór an bualadh é: an coimheascar d'iarraidh an lámh uachtair d'fhagháil. Bímíd ag bualadh lé chéile gach lá; táimid ag obair in aon áit: aghaidh ar aghaidh a chéile; teangbháil nó casadh i gcuideachtain a chéile. Trí bhualadh na mbliadhan go léir dá mhéid ar fhuilng sé ní cualathas riamh ag cnáimhseán é: trí obair as chlampar na haimsire. Dá mbeiththeá gan mo pháirtidhe do bhualadh léd chárta ní bhuailfinn: dá mbeiththeá gan cárta dob fheárr do chur air. Chuala an bualadh ar an ndoras agus d'éirigheas chun oscaltha: an cnagadh: an glór ar theangbháil leis. Chómh caithte lé coinnil do bhíos tréis an bhuailte bhreóidhteachta do fuaireas: cath breóidhteachta: seal dian, trom. Ag bualadh isteach an doras dom bhuaileas mo chos ar an dtairsing: ag dul isteach an doras etc. Bualadh na haoise atá ag teacht leis agus ní ceal bídh ná seascaireachta: méid agus truimeacht na haoise. Bíodh foidhne agat anois táimíd ag bualadh lé n-ár dtriall: ag teacht i ngiorracht d'ár dtriall. Ag bualadh thar an dtigh aca dhom do thugadar cuireadh dhom isteach: ag dul thar etc. Sin capall ná siubhalann go ró-ghleóidhte, tá a chosa tosaigh ag bualadh: ag cimilt ar a chéile. B'é bualadh na gceithre mbliadhan ó 1914 go 1918 an bualadh budh mhó riamh: an cath. Bí ag bualadh an bhóthair anois: ag cur díot. Ar bhualadh an tighe dhom cé bheadh rómham ach máthair mo chéile: ar shroichstint. Féach go gcaitheann an chloch ghlas féin lé bualadh an uisce: cómhacht an uisce. Caithfead stad anois táim dhá bhualadh amach agat: táim dhá chor, dhá chlaoidheachtaint trí cheal nirt, cirt nó argóna nó foidhne etc. Bualadh bas ar do bhéal dob fheárr dhuit: éisteacht. Theicheas ón bhfear feargach úd le h-eagla mo bhuailte: go mbuailfí me.

bualtrach: (**bualtach**) *f.1.* bualtach bó, salachar bó. Bualtaighe (*uimh. iolraidh*). "Is minic do thuit fear maith i mbualtrach bó": ní h-aon náire do dhuine sleamhnughadh ar rud ná feiceann sé: cad é an dochar mór má ghnidheann duine dearmhad gan tábhacht anois agus airís.

buan: *a.* mairthineach, fadshaoghalach, fuilngtheach, dearbhtha, suthain, maith, infheadhma. Buan go rabhair as marcaidheacht do thabhairt dom: go mairir i bhfad (ag gabháil buidheachais le duine). Nuair chídhir nó a chloisir rud a chuireas sásamh aigne ort deirir, 'buan go raibh an té a rinne é nó adubhairt é' etc. Bead ar bhur dtaobh go buan: ní thréigfead sibh: bead do shíor libh. "Is buan é fear n-a dhúthaigh féin": maireann sé i bhfad mar bíonn an fonn agus an uile rud fabharach do. Scian bhuan seadh í sin agat: scian fhóghanta a mhairfeas i bhfas. Ní dhéanfaidh sé duine buan is eagal liom, ní maith é a dhath: ní mhairfidh sé i bhfad. Bróga buana a díoltar sa tsiopa san: bróga fuilngtheacha. Amhránaidhe maith seadh í, tá guth bhuan aice: guth ná coirfeadh fé chuid mhaith amhrán nó fé shéise árdchómhnaidhtheach. Is maith buan an chloch í seo: is deacair í do bhriseadh. Cé hé budh bhuaine d'Éirinn ná Peárnail: budh sheasamhaighe agus budh dhílse. Chaith sé na bliadhanta buana tar lear: bliadhanta fada, fada. "Cad é an t-aos atá agat?" – "na bliadhanta buana a dhalta": bliadhanta móra, fada. De ló agus d'oidhche bím buan ag obair: gan aon stad. Níl aon thairnge aca san ná gur cuireadh buan n-a chodladh san adhmad: socair go daingean.

buanadas: *f.1.* leanamhaint d'aon rud a cuirtear chun a dhéanta, mianach maith seasamhach. Tá muinghin agam as an madra san lé n-a bhuanadas má tá sé ar deireadh féin: an chómhacht chun an reatha do chothughadh. Cad n-a thaobh ná beadh buanadas san bhfear san? nách é cothuigheadh chuige sin? an mianach chun dulta ar aghaidh fé dhuabhais agus chlampar. Tá cuma an bhuanadais ar do chuid éadaigh: go bhfuil mianach maith a mhaireas i bhfad.

buanaidhe: *f.4.* duine a bhaineas barraidhe. Chuaidh na buanaidhthe i mbun a gcod oibre: lucht bainte.

buanamhail: *a.* (**buannamhail**) ag éileamh caradais, nó ag éileamh buanachta nó dánaidheachta, tugtha do bhuanaidheacht. Ná bíodh aon scáth ort, déin buanamhail sa tigh seo: déin aon rud, iarr aon rud, abair aon rud mar dhéanfá id thigh féin: déin do thigh (nó do bhaile) féin de. Ná bíodh aon iongadh ort i dtaobh aon nidh a deirim leis an bhfear so, mar déinim buanamhail i gcómhnaidhe air: téidhim i leith ár n-aitheantais agus ár muinnteardhais déanamh dána air. Ná bí ró-bhuanamhail n-a measc: ná bí mar bheidhfeá ameasc daoine go mbeadh a fhios agat go mbeadh fáilte aca rómhat nó gur chuma leó cad dhéanfá. Bím an-bhuanamhail ar an nduine sin: bím leis mar bhein lé dlúthcharaid. Dá me thu ní bhein ró-bhuanamhail ar an gcruinniughadh, ar eagla ná taithneóchadh do threasnáil leó: ní chuirfinn mo smaointe in iúil go ró-láidir. Níl aon áit is buanamhla dhuit ná do theinteán féin: gur féidir leat déanamh dréir do thola ann 'ná é.

buan-chara: *b.5.* cara seasamhach, cara fad-aimsire, cara ionmhuinghine. Is é buanchara aonne é gur fiú leis air é: aonne dar leis gur fiú caradas é, ní thréigfeadh ar aon rud iad. Níor eitigh sé naoidhe na déirce riamh, is é buanchara na mbocht é: tugann sé go flaitheamhail agus go minic.

buanchuimhne: *b.4.* cuimhne fhada, cuimhne sheasamhach. Ná bíodh aon eagla go ndearmhadfadh sé easonóir, tá buanchuimhne aige: cuimhne ná cailleann. Beidh buanchuimhne agam ar a haghaidh do thaithnigh sí chómh mór san liom: ní

dhearmhadfad choidhche í. Ní raibh focal de "Chath Chnuic an Áir", "Laoi na Mná Móire Thar Lear" ná raibh de ghlanmheabhair aige, budh mhór é a bhuanchuimhne. Beidh buanchuimhne ar Sheachtmhain na Cásca in Éirinn is fada, fada bheidh éachta na seachtmhaine i mbéalaibh Éireannach.

buannacht: [**buanaidheacht, buannaidheacht, buanacht**] *b.3.* dánaidheacht, cóir nó ceart chun ruda. Cuir uait bheith ag déanamh buannachta orm-sa: bheith d'iarraidh bheith ag éileamh caradais nó comaoine orm. Lé buannacht air d'iarras air gan labhairt id choinnibh: lé dánaidheacht caradais nó muinghin go n-éistfeadh sé liom: mara mbeadh a fhios bheith agam gurbh fhéidir liom labhairt mar sin ní labharfainn. Fág id dhiaidh an leabhar san níl aon bhuannacht agat air: níl aon cheart agat chun sealbha d'fhagháil ann. Táim aosta, caithte, lag anois, is beag é mo bhuanacht ar an saoghal so: is geairrid mhairfead. "Cathain fuairis buannacht ar an dtigh seo?" – "fuaireas nuair cheannuigheas é": ceart nó cóir n-a cheannas. "Fág an bád so" – "fág féin í, is mó mo bhuanacht-sa uirthe 'ná do bhuanacht-sa" .i. tá cuid di agam nó baint éigin trí charaid nó as rud éigin atá déanta agam. Níl aon bhuanacht agat ar m'inghin go bpósair í, annsan sí do chuid í: go dtí san is fém chúram-sa atá sí. "Cad é do bhuanacht ar ár gcuideachtain-ne?" – "go bhfuaireas cuireadh": ceart bheith innte. Bíonn buanacht cothuighthe ag mnaoi ar a fear: is féidir léi dréir dlighe a cothughadh d'éileamh air agus d'fhagháil. Rinnis comaoin mhór dom uair lé linn gádhtair agus tugann san buannacht dhuit orm (a iarraidh orm) a chúitiughadh leat. Níl aon bhuanacht agat orm biadh do lorg orm mar nár thugais faic riamh dom: ceart.

buanughadh: (*-uighthe*) do chur i bhfaid; do thabhairt fá deara fanamhaint do shíor; do chosaint ar dhearmhad nó ar chrích. Tá an leac san os chionn a uagha chun a chuimhne do bhuanughadh: do choimeád beó. Ní buanughadh ar do cháil bheith gortach: ní beithfear choidhche ag trácht ort. Buanughadh ar t'ainm seadh bheith carthanach: beidhfear ag cainnt ort mar gheall air. Ní buanughadh saoghail ort bheith ag obair mar bhír: is giorra de do shaoghal é. Buanughadh ar dhuine seadh biadh maith do chaitheamh: is sia mhaireann sé dá bhárr. "Buanughadh ar ár sláinte": gura siade ár sláinte (an deoch so). Cuireadh an cumann so ar bun chun na Gaedhilge do bhuanughadh: chun í do choimeád beó. Níor chúis buanuighthe dho an fliuchán do fuair sé: níor bhfeárrde faid a shaoghail é. Buanughadh ar an bhfalla an teannta san do chur leis: is siade saoghal an fhalla é. Ag gabháil buidheachais deirtear: buanughadh ort: faid saoghail, sláinte agus maoine chughat. Buanughadh ar bhrógaibh seadh iad do smearadh agus do ghlanadh: maireann siad níos sia dá bhárr. Cuirtear uisce ar ghual ceárdchean, coirt ar líontaibh, tara sé anairt chun iad do bhuanughadh: go mairidís i bhfad. Cad n-a thaobh bheith ag buanughadh na hoibre seo: nách mithid í do bheith críochnuighthe: ghá cur chun faid slighe. Ní hiongadh gach aon fhás bheith feóidhte, cad dhéanfadh buanughadh an tiormaigh: an fhaid mhór atá sé ann.

buanuighim: *b.a.* leanaim de, cuirim i bhfaid, tugaim faidbheatha dho. Go mbuanuighidh Dia thu: go dtugaidh Dia saoghal fada dhuit. Nár bhuanuighidh do chladhaireacht thu: nár neartuighidh sí a's nár thugaidh sí breis saoghail duit. Go mbuanuighir it ionad: go bhfanair ann agus go dtéidhir chun cinn ann. Níl aonne de Mhuinntir Shéaghdha ann anois, treabh dob eadh iad nár bhuanuigh: a imthigh ar ceal. Tháinig galar air nár

bhuanuigh sé leis: galar do chuir deireadh leis. Cuir síos geall eile agus buanóchaidh san an cluiche: congbhóchaidh san ar siubhal é tamall fada. Bhuanóchadh oíle na bróga san ort: sheasóchaidís níos sia dá bharr. Buanuigheann beathuisce leis an aimsir: téidheann sé i bhfeabhas.

buarach: *b.2.* an ceangal do cuirtear ar chosaibh deiridh bó lé linn a crúidhte. Cad tá dod mhoilliughadh annso; níl aon bhuarach fút: níl aonne ded chosc ar imtheacht: b'fhearr linn imthighthe tu. Ná cuir cor ded bhuaraigh más áil leat do bhail: fan chómh ciúin socair 'sis féidir leat. Tá sé n-a sheasamh annsan gan cor dá bhuaraigh: budh dhóigh lé duine air nách mian leis go dtabharfadh aonne fé ndeara é. "Táim im bhuin bhuaraigh aca": ní leigid dom cor do chur díom: táim fé chuing aca.

buatais: *b.2.* bróg go n-uachtar árd ag dul go glúinibh. Nách ort atá an t-eagla roim shuarachán seanduine, fear mór óg mar thu, a chac i mbuatais: duine gan misneach, duine go dteipeann air go náireach. "Buataisidhe óir agus bróga leathair", seanrádh é sin, deirtear nuair chídhtear bróga nuadha, slachtmhara ar dhuine.

búdán: *f.1.* an bheó a bhíos istigh i mbun adhairc ainmhidhe, rud neamhbhlasta seadh é. Is búdán gach biadh go beirbhighthe: ní bhíonn aon bhlas air go dtí san.

buidéal: *f.1.* árus gloine, adhmaid nó leathair chun aon tsaghas leanna do chongbháil. Chaill sé a shlighe bheatha lé n-a iomad dúlach sa bhuidéal: rócheanamhail ar an ólachán. Mo ghrádh do ghéaga, ní h-ar an mbuidéal a tógadh thu: thug do mháthair an bainne cích dhuit.

búidh: *a.* miochair, modhamhail. A Mháirín bhúidh: a Mháirín gheanamhail, ghrádhach: a Mháirín go bhfuil cion agam ort.

buidhe: *b.3.* buidheachas, carbhall a labhartar do theasbáint tuigseana maitheasa a deintear nó a tairngtear. A bhuidhe lé Dia go mairim tréis gach mísheóil: is do Dhia atá ár mothála cneasta ag dul mar gheall ar mé bheith saor.

buidhe: *a.* dath áirighthe; dóighte ón ngréin, grianmhar, samhrata. Lá buidhe samhraidh: lá breágh grianmhar, aibeamhail: doibhriathar neartuighthe. Is fada buidhe ón a deich chlog fós é: níl sé in ao'chor in aon ghiorracht do. Is fada buidhe amach ón dtír atá na hoileáin: anfhada ar fad. Beidh an tráthnóna fada buidhe rómhat amach: beidh an chuid is mó de gan caitheamh. "An bhfuilim ag scríobh i gceart?" – "is fada buidhe uaidh (ón gceart) thu": nílir in ao'chor ag déanamh mar budh cheart. Rud buidhe salach seadh é ná taithnigheann liom: gránda, neamhghlan. Domhnall buidhe: Domhnall an datha san, nó Domhnall olc. Seán buidhe: an Sasanach, duine míriaghalta, míochuibheasach. "Ní Seán buidhe m'ainm-se ach buachaillín tréitheach, éadtrom, mórchroidheach" – cuid de shean-amhrán.

buidheacán: *f.1.* an chuid bhuidhe den ubh; (fíoghardha) duine go ndath mbuidhe ar a chroiceann. Dubhairt sí ná pósfadh sí ar ór na cruinne me, mar go rabhas chomh buidhe lé buidheacán uibh: níor bhféidir me bheith níos buidhthe. Is an-mhaith buidheacán uibh

mar cheiridhe lé leónadh. “Léan ort! a bhuidheacáin”, deirtear lé duine buidhechroicinn ná taithneóchadh leat.

buidheach: *a.* lán de mhotháilt mhaitheasa fachta nó lé fagháil agus ullamh lé n-a admháil, fé chomaoin; fonn cneasta bheith ar dhuine, cneasta le, sásta le. Is díot a bhí Dia buidheach a’s a rádh nár marbhuigheadh tu nuair lámhachadh sa cheann thu: cion ag Dia ort. Ní labhraid lé chéile, nílid buidheach dá chéile ó bhíodar ag bruighean: nílid caradamhail. Ní bhíonn sé féin ’sa bhean buidheach dá chéile: mór lé chéile, muinnteardha. Bí buidheach díot féin mara bhfaighead greim ort: bí go sásta. Beidh Dia buidheach díot agus tabhair rud éigin don mhnaoi bhoicht sin: ceanamhail, grádhmhar. “Connus taoi an aimsir seo?” – “táim buidheach den sláinte, buidheach ’e Dhia”: sásta go maith lé feabhas mo shláinte. “An bhfuilir buidheach den dtigh sin agat?” – “táim, tá sé an-sheascair”. Deirim leat ná beir buidheach díot féin má osclann tú an doras san: éireóchaidh rud éigin duit. Ní raibh na daoine buidheach anuiridh (mar gheall ar dhrochbharraidhibh etc.): sásta leis an saoghal. Bí buidheach den leanbh so agus ní ghoilfidh sé: bí grádhmhar, cneasta leis. Dá bhuidheachaighe bhíos leis, ag tabhairt gach aon rud do a bhí uaidh, seadh is mío-bhuidheachaighe bhí sé dhíom: dá fheabhas do rinneas do budh lugha a bhuidheachas. “Connus bhí an t-aonach indiugh?” – “duine a bhí buidheach a’s duine ná raibh”: cuid des na daoinibh sásta a’s cuid eile ná raibh. Bead buidheach choidhche den bhfear san ón lá do labhair sé ar mo shon a’s gach aonne eile im choinnibh: bead cneasta im smaointibh dho. Buidheach, beannachtach atáim leis an méid seo dá luighead é mar is beag coinne a bhí agam le haon nidh: anshásta ar fad. Ní hiongadh gur chabhair sé leat, duine buidheach seadh é: duine ná dearmhadann maitheasa adéintear air i gcúiteamh. Mo bhuidhe leat, a Mháirín, dá mbeiththeá annso anois is againn do bheadh an greann: táir go ceanamhail im smaointibh.

buidheachas: *f.1.* ná bíodh aon iongadh ort cad dhéanfainn don bhfear so, mar is fada buidheachas agam air: cion maitheasa. D’éirigh leis go maith, ach bíodh a bhuidheachas aige ar an té a mhúin é: bíodh deaghthoil aige dho mar, mara mbeadh é ní éireóchadh leis. Nuair mhúch an lampa b’éigean ár mbuidheachas do bheith ar choinnil: b’éigean dúinn ár dtriall do bheith uirthe. Raighead abhaile anois gan bhuidheachas duit: dot aindeóin. Is iomdha maith do rinnis dúinn chun ár mbuidheachais do thuilleamh: deaghthoil nó deighmhéin againn duit mar gheall ar ar dheinis dúinn. Gheóbhad amach fén aimsir dá olcas í gan bhuidheachas di: gan beann uirthe: gan eagla díobhála roimpe. Is geairrid chuaidh an girrfhiadh bocht don gcoin do bhreith air, bíodh a bhuidheachas aige ar a chosaibh: luas a chos do bhuaidh do. Cad chuige an moaldh so ar fad orm? an ag tuilleamh buidheachais ataoi? d’iarraidh go mbein muinnteardha leat mar gheall air agus nách ar son na maitheasa innte féin. Níl aon bhuidheachas ag Sasana a’s ag Éirinn ar a chéile: nílid caradamhail, táid in earrad le chéile. Táim tréis dul ’on Daingean ar lorg éisc, thána gan é níl aon bhuidheachas ar mo thurus agam: tá díombáidh orm n-a thaobh. Bheirim a mhíle buidheachas lé Dia mo shláinte do bheith agam: buidheachas gan teórain. Bhí sochraid mhór aige, níor bh’iongadh san, budh mhór é buidheachas na ndaoine air: meas agus cion ar son a mhaitheas. Is mór é buidheachas beagáin aige: bíonn sé sásta deighmhéineach mar gheall ar an rud is lugha déanfí ar a shon nó dho. Glacaim buidheachas lé gach n-aon dá ndeárna maitheas orm: tugaim mo dheaghaigne agus mo dheaghthoil etc. “Ná tóg an t-airgead san ní leat é” – “tógfad é gan bhuidheachas dot

fhiaclaibh": dod dhearg-aindeóin. Tréis é do chothughadh ar feadh mí bhuail sé amach as an dtigh ósda gan bhladh gan bhuidheachas: gan oiread agus "go raibh maith agat" do rádh ná aon iongadh thríd air. Duine beag-bhuidheachais seadh thu: duine ná cuimhnigheann (ar chúiteamh) na maitheasa a deintear ort. Bí deimhnightheach de Shéamas mar duine mórbhuidheachais seadh é agus is minic do dheinis maith air: duine ná dearmhadann agus gur tapaidh aige cúiteamh. Ránguigheadar ar aon láthair gan bhuidheachas dá chéile: gan aonne d'iarraidh bheith ann chun an duine eile do sheachaint. Buidheachas ar fad dob eadh muinntir an tighe nuair thugas scéala dhóibh go rabhas ag teacht chun cómhnaidhthe chúcha: deaghthoil a's deaghaigne dhá chur in iúil aca dhom.

buidheacht: *b.3.* ar dhath bhuidhe. Tá buidheacht id hata nách maith liom: néal bhuidhe, breis den ndath san. Is ar bhuidheacht do bhróg: tá iomad don ndath ionta dom thuairm. Chonnac uaim an t-oileán ag ceileabhradh lé buidheacht na greine: dul fé na gréine leis an ndeireannaighe. Budh dheise an hata san dá mbeadh breis buidheachta ann: tuille den ndath mbuidhe.

buidheachtaint: *b.3.* ag éirghe buidhe; ag aibiughadh. Bíonn an coirce ag buidheachtaint i ndeireadh Iúil: ag aibiughadh. Ar éigean aithnigheas tu táir ag buidheachtaint: tá dath buidhe ag teacht ar do chneas. Lé buidheachtaint na gréine (an tráthnóna) do bhuaileas síos cois mara: ar mbeith don ngréin (tráthnóna) ag dul i ndeireannaighe. Is maith an barra coirce é sin, tá sé ag cromadh a's ag buidheachtaint: ag lúbadh a's dath an aibhighthe ag teacht air.

buidhean: *b.2.* gasra, sluagh, lucht freastail, scata, líon catha. Dá mbeimís d'aon bhuidhin bheimís láidir a ndóthain don namhaid agus ní buaidhfí orainn: ar aon inntin, agus cur lé chéile. Lucht aon bhuidhne seadh sinn, bímís meidhreach: d'aon dream amháin d'aigne a's de mheón seadh sinn. Is breágh an bhuidhean fhear sibh, bail ó Dhia oraibh: an scata fear. Ná tabhair aon chuireadh domhsa, ní bhein ar aon bhuidhin libh: ní chleachtfainn bhur gcomhluadar. Bíonn buidheanta móra ag foghluim Gaedhilge sa gheimhreadh sa scoil sin: scataidhe nó ranganna. Cé h-iad an bhuidhean úd go rabhais ag ól leó ar an rás? an chuideachta. Buidhean óil dob fhearr leis do chleachtadh agus ní obair: lucht óil dob fhearr leis n-a thímcheall. Nuair chonnac an bhuidhean armtha, bhí a fhios agam go rabhthas ar mo thóir: scata fear (saighdiúiridhe nó eile) agus airm theine aca. "An maireann t'athair fós?" – "is fada gur mhair, tá sé ar an mbuidhin is mó lé chúig bhliadhanaibh": marbh. Ní maith liom an bhuidhean so a bhíos ag síorlochtughadh na haimsire: na daoine seo.

buidheanach: *b.2.* focal ceana; grádh, cean, múirnín. Mo bhuidheanach tú: mo ghrádh tu. A Mháire, a bhuidheanach: a Mháire, a chumann. Mo bhuidheanach tu éist liom: impighim ort éisteacht liom. Mo leanbh mo bhuidheanach: níl aon leanbh is geanamhla liom ná mo leanbh féin. Bíodh foidhne agat, a bhuidheanach, fan liom, a bhuidheanach, beannacht Dé leat, a bhuidheanaigh etc. [Focal ancheanamhail ar fad seadh é a luigheas leis an gcroidhe i bhfad níos mó ná mar ghnídheann "grádh", "múirnín", "cumann" ná eile].

buidheanmhar: *a.* go gcuid mhór lucht leanamhna; láidir fé chabhair; ceanamhail ar chuideachtain. Ná bíodh aon eagla ort go dteipfidh an togha orainn, ní rabhamair riamh chómh buidheanmhar a's táimíd anois: oiread daoine ar ár dtaobh. Níl aonne de Mhuinntir Chléirigh 'san áit anois cé gur bhuidheanmhar ann iad tamall: flúirseach, iomadamhail. Dá mbeitheá gan bheith leath chómh buidheanmhar agus taoi b'fhearr de do ghnóth é: gan bheith chómh ceanamhail ar bheith i gcuideachtanaibh.

buidhighim: *b.a.* ₇ *b. n-a.* tugaim dath buidhe ar, aibhighim, éirighim buidhe. Buidheóchaidh an ghrian thu má fhanair fúithe: cuirfidh dath buidhe ar do chneas. Do bhuidhigh an lá orainn ar an mbóthar: tháinig deireannaighe lae orainn agus sinn gan ár dtriall sroichte againn. Sid í an aimsir the, bhrothallach chun arbhair, buidheóchaidh sé gan puinn moille: aibeóchaidh sé.

buidhiughadh: *f.* (*-ighthe*) aibiughadh; deireannaighe lae gréine, dath buidhe do theacht ar. Tá an chruithneacht ag buidhiughadh: ag aibiughadh. Lé buidhiughadh na gréine is áluinn an radharc an fharraige: ar mbeith don ndath san ag teacht uirthe, agus í ag dul i luighe a's ag dul fé. "An Dún, is dubhach liom mar tá sé, a dhóirse dubha dúnta lé buidhiughadh gréin, annsúd bhíodh flúirse agus cáiréis, lucht súgraidh na gcúig gcúige chun dínéir" – Piaras Firtéar. Tá gach aon rud ag buidhiughadh, tá an bhliadhain ag maolughadh: tá an dath nádúrdha ag imtheacht de gach fás.

buige: *b.4.* féile; féitheamhantacht, soighéileamhail d'fháscadh, gan bheith borb, fiadhain, ná garbh. Inneosad-sa dhuit cad é an fáth nár éirigh leis sa tsiopa úd, ag tabhairt an iomad cáirde lé n-a bhuige: féile. Le buige an fhir níor buaileadh n-a aigne go rabhas ag baint uaidh: ceal gliocais nó géaraidheachta. "An daoine fiala iad?" – "ní mór thugaid uatha lé n-a mbuige": féile. Ná bí ag cainnt ar ghalántacht, táid áitrighthe riamh lé n-a mbuige: féile agus neamhshaoghaltacht. Ná bíodh aon scáth ort aon nidh do lorg sa tigh sin, is ann do gheobhair an bhuige: oscailteacht chroidhe agus féile. Le buige an phortaigh chuaidh an bhó ar lár: lé n-a shoighéilleamhlacht etc. "Nách meirbh atá an lá" – "is ar a bhuige": gan anamamhlacht ghaoithe trom, cluthmhair. Tá allus orm ag buige an lae: teódhacht a's cluthmhaireacht. Is annamh do bhír i leith na buige tógfad toitín agus fáilte: a bhíonn aon fhonn fhéile ort. Tá gach aon rud ag logadh sa gortaibh le buige na haimsire: taisireacht a's cluthmhaireacht agus ceal gaoithe. Budh gharbh an t-earrach a bhí againn, is breágh é buige na haimsire: feabhas a's séimheacht. Tá an lá ag dul i mbuige: níl sé chómh fuar nó garbh nó dian agus bhí sé. Is furaiste an talamh so do threabhadh, lé n-a bhuige: gan bheith cruaidh nó calcuighthe. **Buigeacht**, leis.

buigéiseach: *a.* anfhial; bog fé chuid dhuine; réidh i meón. Níor eitigheadh aon nidh riamh sa tigh sin ar aon nidh, daoine buigéiseacha atá ann: daoine fiala gur mian leó maitheas do dhéanamh. Chaithis do chuid airgid ró-bhuigéiseach leis gach aonne do bhuail leat: gan aon choigilt agat air. Ní bhein chomh buigéiseach dá me thu, teastóchaidh do chuid airgid fós uait: ní bhein rófhlaitheamhail. "Tabhair dom do chasóg, braithim an-fhuar" – "nách buigéiseach do bhein agat!": nách soimheallta, bog, réidh, fial. "Ní gádh dhuit aon dochma bheith ort dul ag cainnt leis an dTeachta Dála san i dtaobh do mhairge, duine buigéiseach seadh é": duine sochma gur furaiste leis éisteacht agus cabhair do thabhairt. Dar leis go bhfuilim chómh buigéiseach san gur shaoil sé gur chreideas an uile

fhocal as a bhéal agus a fhios agam gur éitheach é ar fad: soichreideamhach, saonta, neamhghéar.

builcín: *f.4.* aon rud nó rudaidhe in aon dlúthas amháin, beartán; cártaidhe socruighthe i slighe agus go dtagann an chuid is fearr aca chun an déantóra. Chaith an t-iascaire i bhfad d'iarraidh an doradha do réidhteach, mar bhí sé n-a bhuilcín: casta in achrann ar a chéile. Ná cuir builcín ins na cártaidhibh: ná cuir cártaidhe áirighthe sa phaca i slighe a's go dtagaid chughat féin nó chun do pháirtidhe. Fuairteas airgead na seanmhná tréis a báis sáidhte n-a bhuilcín sa bhfalla: curtha go dlúth ar a chéile. Fuaireas furmhór an éisc n-a bhuilcín i ndeireadh an lín: é go léir go dlúth in aice a chéile.

buile: *b.4.* fearg mhór, báine, fíochmhaireacht, olc. "Is dóigh le fear na buile gurb é féin fear na céile": nuair bhíonn fearg mhór ar dhuine dar leis gur ceart gach nidh dá ndéineann sé. Seachain tu féin air sin, fear buile seadh é: fear go bhfuil fearg mhór air, nó fear nách fios duit cathain éireóchadh sé chughat. Fear buile seadh thu: fear fiadhain gan foidhne a ghnidheas nidhthe gan feachaint rómhat, tá do mháthair ar buile chughat ná deaghais ar scoil: fearg mhór uirthe. Thug sé an lá ag ól go raibh sé ar buile le digh: as a mheabhair. Ná labhair focal leo, ní bheannóchaidís duit, táid ar buile na ngrást chun oibre: níl faic eile n-a n-inntin ná n-a n-aigne ach obair. Tá cómhachta an domhain ar buile chun cogaidh airís: fonn tar meón ortha chuige. Tá an fharraige lé buile ag an ngaoith mhóir: fiadhain, fíochmhar. Lá go raibh buile air dob eadh é: fuacht nó fiadhantas, nó báisteach tar meón. Cuirfir buile orm má chloisim a thuille cáinte uait: fearg mhór.

buileamhail: *a.* fíochmhar, feargach. Farraige bhuileamhail do bhádhaidh an bád: farraige fhíochmhar, fhiadhain. Duine buileamhail seadh thu, is fearr leigeant duit: fear gur furaiste tú do bhaint. B'ait an rud do dhein sé, a bhean 'sa chlann d'fhágaint, ach fear buileamhail dob eadh riamh é: fear ná féadfá muinghin do bheith agat as. Ainmhidhe buileamhail seadh tarbh: is deacair muinghin do bheith as. Ná bí buileamhail liom toisc me do bheith déidheanach: bíodh foidhne agat liom.

builighim: *b.a. 7 b. n-a.* cuirim fearg ar; téidhim chun feirge. Ní déarfainn focal searbh leat mara mbeadh gur bhuilighis me léd chuid éithigh: chuiris fearg orm. Buileóchair an madra san má bhíonn tú ag imirt air: cuirfir chun feirge é. Buileóchaid an lá indiugh, sé a dheallramh atá air é: tiocfaidh droichshíon fé dheireadh an lae.

builín: *f.4.* ballóg bácálta ag fuinnteóir fhada agus cor innte. Móin chómh héadtrom le builínidhibh: móin an-éadtrom. "Sid í an oidhche go ndéineann fíon den uisce agus builínidhe des na clochaibh" – seanrádh.

buille: *f.4.* stiall, tarang, caitheamh; teangbháil; corraighe sall a's anall; bualadh na cuislean nó an chroidhe; tuairm; dul chun cinn; beagán breise, cuid chuibheasach; sraith (féir, coirce, etc.); silleadh (súl). Fuair sé buille na tubaiste i gcródh an chinn: stiall a mhairbh é nó a dhein dochar gan chuimse dho. Buillidhe fada rámha na buillidhe is fearr: tarang fada ar na maididhibh rámha: an aga ó cuirtear san uisce iad go dtógtar as iad. "An rabhais déidheanach ag teacht abhaile airéir?" – "buille an chluig": a h-aon a chlog. Ní

raibh aon tsúil go dtéarnóchadh sé bhí sé ar bhuille an bháis ar feadh seachtmhaine: i riocht an bháis, buailte leis, ag tarang air. Budh dhian an tsíon í ná féadfaimís dul buille ar aghaidh, chaitheamair stad: ádhbhar chun cinn. Cé gur buille fé thuairm dho a rádh go rabhas annso, mar ní raibh a fhios aige, do bhí an ceart aige mar sin féin: rud do shaoileadh gan bheith deimhnightheach de; amhras do chaitheamh. "Cad aos duit?" – "triocha bliadhain gan buille fé ná tharais": gan aon bhliadhain níos óige ná níos aosta. Ná bíodh aon bhuille fé ná tharais agat, innis dom cad gheóbhad as an obair seo: ná bíodh aon amhras agat, bí beacht. Lá buille beag fuar do dhuine gan mórán éadaigh: mós fuar. Táim anchumhang ar an stól so, druid isteach buille beag uaim: tamaillín. Ná bíodh sé den mío-ádh ort go ngéillfir buille ar an méid airgid atá uait ar an dtigh: ná luigheaduigh an luach pioc. Budh bhreágh an radharc an seisear buanaidhthe ar a mbuille treasna an ghuirt choirce: ar a rian bainte. Chonnaic an gárda an tionóisc a's é ar a bhuille: é ar a ghnóth ag siubhal a líomatáiste. Deirim leat gan bac leis an bhfear san, mar ní h-aon dóighchín é, fág ar a bhuille é: leig do féin, ná cuir isteach air. Thug an fear buille dá shúil don mhnaoi dob áilne dá bhfeacaidh sé riamh: thug sé fé ndeara go cruinn í. Ní théidheann an dlighe ar an mbuille ná buailtear: ní bhfaightear aon tsásamh (cúiteamh) as an mbuille bagarthach: ní bhacann an dlighe leis. Bhuail sé ar an mbuille baise me: go hobann: faid bheadh duine ag bualadh a bhas ar a chéile. Tá bóthar fada rómham, bead ag baint mo bhuille as: bead ag ciorrbhadh an bhóthair. Ag gabháil thar bhéal na sráide sin, oidhche, fuaireas buille (de) chloich sa leathcheann: buaileadh lé cloich me. Buille (de) bhata fuair sé: is lé bata do buaileadh é. Budh bhocht an fear tamall é, budh chuimhin liom é d'fheicsint ag díol pháipéar, ach tá sé os chionn a bhuille anois: go maith as, saoghal seascair aige. Dá bhfeictheá scata fear ag ól go subháilceach déarfá, "seadh, a fheartha, tá sibh os chionn bhur mbuille": ar bhur dtoil, sásta. "Buille ar meath, a Thomáis, ní nár do neach": táir ag tréigean le haois anois agus ní náire dhuit é, mar is é dán na cinidh daonna é. Tá buille maith fachta aige lé mí ar a leabaidh: seal trom breoidhteachta agus a raon air. Fuair Sasana buille Seachtmhain na Cásca: cuireadh cath uirthe a bhraith sí. Rugadar ar dhachad deargán ar aon bhuille: an fhaid a leanas iasc bád a bhíos ag imtheacht lé gaoith nó taoide (í dhá aighnliughadh): buille éisc. Feach anois, ní fhéadfá leigeant dom, táim curtha as mo bhuille agat: curtha amugha. "Ar atharuigh Séamas in ao'chor leis na bliadhantaibh?" – "níor atharuigh; ar an mbuille gcéadna". Beir fada air, cad é an buille seo fút anois? an fuadar, an deabhadh tréan. Dubhart leat fanacht ón gcuideachtain sin, nó gur ort do raigheadh luighe na mbuillidhe: gur tú bheadh thíos leis. Céaca taobh go ndeaghaidh luighe na mbuillidhe ortha? céaca taobh gur buadhadh air? Níl do mhac chómh breóidhte sin tá buille maith cuisleann aige: bualadh. Níor aimsigheadh poll na heochrach an uair úd, tabhair buille eile fé: tásdáil airís é. Is fada an buille (siubhail) é ó Thráighlí go Daingean: an seal, an t-achar. Ar ár mbuille ó thuaidh do bhuail sparán linn: ar ár slighe. "Á, theip ort, thásdáil airís, b'fhéidir go n-éireóchadh leat den mbuille seo": den iarracht so. Ní rinneas puinn oibre indé, trí leathanacha agus rinneas buille maith indiugh, deich leathanacha: cuid mhaith. Bhuail an long buille ar an gcarraig: stiall n-a coinnibh. Thugadar buillidhe marbhthacha dom: buillidhe móra, troma.

buillighim: *b.a.* rámhaim ó áit go háit. Buillighimís go mall in aice na talmhan: rámhaimís. Buillighidh an bád: rámhaidhidh.

buimpéis: *b.2.* bonn stoca. Chuadhas go dtín doras i mbuimpéisidhibh: gan aon bhróga orm. Tá mo chluasa n-a mbuimpéisidhibh agat ó bheith ag éisteacht leat: bodhar, traochta.

buinne: *f.4.* stealladh, flosc, tonn, dille, sruthlam; caise, líonruith. Chuirfeadh sé iongadh ort an buinne a bhí fé fhear chómh támáilte leis de ghnáth: an fonn dochosca cainnte. Do ghluais an abha tréis na báistighe n-a buinne ag réabhadh na gclathach roimpe: n-a tuille trom scriostamhail. Ní hiongadh an taoide do theacht chómh fada aníos agus an buinne rabharta atá ann: an rabharta is aoirde agus is treise. A mhic ó, nuair gháireas fé, tháinig buinne feirge air chugham: ní raibh sé i ndán é féin do smachtughadh. Bíonn buinne fé agus é ag cainnt: teas agus dúthracht. Tá buinneach n-a buinne ar an mbeithidheach san lé coighcíos: flosc caol tanaidhe gan stad. Buinne cainnte, feirge, deabhaidh, líonreatha.

buinne: *f.4.* ciumhais arduighthe ar obair thuigidhe mar ughaim, beardóg, cliabh, etc. Bíonn buinne ar bhun gach cléibhe ughamach chun na dtuigidhe eile do neartughadh, an ghréis a bhíos ar chloich i saoirseacht. Cuir buinne ar an gcléibh: sraith thiughfhighte greamuightheach. Tá buinne ar an árus so (bun nó béal): an áit sin de níos reimhre ná an chuid eile. An buinne buin; an buinne béil; an chéad bhuinne; an buinne críochnuighthe. Clocha agus buinnidhe oibrighthe le siséal ortha: obair ghréis.

buinneach: *b.2.* scaoilteacht cliabhlaigh. Tá buinneach ar an mbuin sin: tá flosc ag teacht go minic uaithe. Uan buinnigh seadh é: uan beag, suarach. A rud bhuinnigh, fág mo radharc! a rud gan tairbhe. Deirtear lé duine a bhíos ag gearán i gcómhnaidhe le searbhas. Bíonn buinneach nó buinnleac éigin ort i gcómhnaidhe: cúis bheag éigin agus gearán trom.

buinnighim: *b. n-a.* lingim, léimim. Do bhuinnigh an t-uisce chugham aníos as an dtalamh: do phléasc go h-obann.

buintiarach: *b.2.* an fearas a bhíos fé earball capaill, asail, cor-eich nó ráineich, ag iomchar árdualach.

búir: *b.5.* béic fhiadhain mar ghnídheas tarbh; scread nó gáir mímheasa. Bhí gach aon bhúir ag an dtarbh a's é ar mo thóir: béic dhiamhair lé dásacht chun mo dhíobhála. Leig an tarbh róin búir as, a bhain mac alla as an bhfaill: béic fhíochmhar, mhórghlórach. Nuair labhair sé ón árdán ar lorg saighdiúiridhe d'arm Shasana do chuir na daoine búir asta fé: faoidh mhagaidh. **Búirth**, an céadna.

buirbe: *b.4.* fearg, fíoch; géire, déine; saidhbhreas fáis; cainnt gan taca. Leis an ngála agus an mbáistigh connus fhéadfainn teacht ag buirbe an lae?: fiadhantas agus olcas. An féar mór árd bog san ní íosfadh an bhó é lé n-a bhuirbe: a shaidhbhreacht. Ní maith liom buirbe do labhartha: míobhanamhlacht cainnte, cainnt mhíochuibheasach, míbhéasamhail. Ní fhéadfá an fharraige sin do shnámh lé n-a buirbe: garbh, láidir. Ná cuir puinn suime sa chainnt ait sin, níl innte ach buirbe: cainnt áidhbhéiseach gan machtnamh ar connus í do chur i bhfeidhm. Tá buirbe sa sciain sin: faobhar anghéar. Bíonn buirbe san aimsir tréis na Nodlag ná bíonn innte roim Nodlaig: fuacht agus géire.

buirbín: *f.4.* fóidín caol a fágtar i lár slighe na claise i riastáil ar iompódh ar dheis agus chlé fód dhá iomaire d'fhonn an chlais do bheith níos leithne. Foghruightear "bruibín" é.

búireach: *b.2.* búirfeach, búirfighil, béiceach tairbh. Tá rud éigin ar an mbuin sin go bhfuil sí ag búirigh: béiceach.

búiste: *f.4.* duine gan béasa, duine tútach, dothuigseanach. Ní déarfadh aonne ach búiste le duine iasachta ná raibh fáilte roimis: duine gan béasa. Bheannuigheas do agus ghaibh an búiste tharm gan oiread agus me do thabhairt fé ndeara. Shuidheadh sé ag an mbórd ó ló go ló gan labhairt le haonne n-a bhúiste: doichilleach, daibhceach, neamhfháilteamhail. Ní leagfadh do dhícheall mór an búiste duine sin: fear chómh toirteamhail le hainmhidhe mór. Búiste gan tuigsint ná tabharfadh a shuidheachán do mhnaoi: duine gan galántacht.

búithreán: *f.1.* mórchuid solais; mórchuid d'aon rud. Ní raibh fuinneóg sa tigh ná raibh coinneal ann oidhche Nodlag, a lithéid de bhúithreán: iliomad solais. Déintí búithreán óil ar bhainisíbh roim an gcogadh mór nuair bhí an deoch saor: flúirse agus fairsinge. Rinnce, ranngás, amhráin ar siubhal ar feadh na hoidhche go gealadh lae, budh mhór an búithreán é: an gleódh agus an dul trí chéile.

bulla báisín: *f.4.* mearbhall incheann, ag gabháil tímcheall i mboghaisín. Tá mo cheann n-a bulla báisín ó bheith ag léigheamh: tá glór agus méabhán ann, níl aon nidh léir dom. Chas an ghaoth me féin a's mo rothar 'n-ár mbulla báisín: casadh tímcheall sinn mar déanfí ceirtlín.

bun: *f.1.* an chuid is íochtaraighe d'aon rud; bonn; fotha; airgead, maoin; méadughadh; clódh, cuma (ar fheabhas nó ar olcas); feighil, aire, suim. Dá bhreághthacht do bhí an maidean is eagal liom go raghaidh an lá ar bun, níl aon deagh-chuma air: go dtiocfaidh atharughadh ar olcas san aimsir. Cuireadh an obair seo ar bun an tseachtmhain seo caithte: ar siubhal. Nách beag an fás atá déanta ag an ngarsún san, tá sé tuairm a fiche anois a's gan aon bhun ag teacht air: níl sé ag méadughadh mar budh cheart do. Tionóladh cruinniughadh le haghaidh scoile do thógaint annso ach níor cuireadh aon bhun ó shoin air: níor deineadh faic. Táir anmhall léd chuid oibre, cuir bun ort féin: téir chun oibre i gceart agus déin gníomh. Thosnuigh sé go lag sa tsiopa san, ach níor bhfada go dtáinig bun air: go ndeachaidh sé ar aghaidh, gur leathanuigh a's gur mhéaduigh a chúram. Cuideachta anmharbh seadh sinn, cuirimís argóint ar bun: ar siubhal. Dréir na n-achmhusán atá agat dhá thabhairt dom táir d'iarraidh bruighne do chur ar bun: do thosnughadh. Ar dhul 'on chathair duit a's gan aithne agat ar aonne bíodh bun ort agus seachain tu féin: bí aireach, ciallmhar, ná leig d'aonne bob do bhualadh ort. Chuireas crainn ubhall sa gharrdha sin, ach ní tháinig aon bhun ortha: mheathadar, theipeadar. Níl aon airgead agam ná aonne n-a bhun dom (i mbun a thugtha dhom): níl fonn ar aonne airgead do thabhairt, céaca tuillte agam é nó gan a bheith. Cé tá i mbun an tighe seo indiugh? cé tá ag tabhairt aire dho? "Sé an mada ruadh i mbun na gcearc é": "an feall ar iontaoibh", an duine nár cheart in ao'chor an gnóth do chur ar a iontaoibh. Téidhimíd i mbun oibre ar a naoi a chlog gach lá: cromaimíd ar obair. "An dtáinig sé?" – "ní tháinig, de bhun go rabhais-se annso agus ná taithnigheann tú leis": de bhrigh, toisc, mar gheall

air. Tá sé anmhuinnteardha liom de bhun gur shaoras ó bhádhadh é tráth: de bharr. Ní raghainn ann fé bhun tusa bheith in aonfheacht liom: gan tusa bheith in aonfheacht liom. Ní shaorfadh faic fé bhun Dé anois é, tá sé chómh breóidhte sin: acht Dia amháin. Fé bhun an ghaoth do bheith aniar ní bhraithfeá í ar an dtigh seo: muna mbeadh sí aniar. Ní dhíolfadh sé na bróga liom fé bhun púint: gan an púnt iomlán. Suidh annso i mbun do chos: suidh annso gan dul in aon áit eile in aice liom. Thuit sé i laige i mbun a chos: díreach mar a raibh sé. Le tarcuisne do chaith sé an leabhar i mbun na gcos agam: in imeall mo chos: ameasc mo chos, mar a raibh mo chosa, im láthair. Sé truagh díreach do bhí aca dos na bráighibh gur scaoileadar i mbun na gcos aca: gur chaitheadar urchair i dtreó a gcos. Níl aon mhaith i dté fé bhun é d'ól te: muna n-óltar te é. Nuair chuala gur mhairbh sé é féin tógadh ó bhun me: baineadh preab mhór asam: geit mhór. Má labhrann tú in ao'chor labhair lé bun: lé fuaimeant. Dá mhéid adubhairt sé níor bhaineas aon bhun as: níor thuigeas cad bhí i dtreis aige. Cad is bun agat lé n-a rádh ná h-íosfá? cad é an chiall. Cé hé budh bhun lé me do bhualadh? cé hé dhein é nó spriog duine eile chun a dhéanta? Cé hé budh bhun lé Connradh na Gaedhilge do chur ar bun? cé hé gurbh é a chuimhneamh é. Na daoine féin is bun lé gach iomard atá ortha: dá mbudh mhian leó dob fhéidir leó malairt scéil do bheith aca. Muna bhféachair chun na cneádha san raghaidh sí ar bun ar an gcuma atá uirthe: tiocfaidh olcas uirthe. Cé hé sin i mbun cúil ag imirtheóiridhibh Chiarraighe?: i mbéal an bháire. Is tusa ár mbun cúil: is ort atáimíd ag brath: is tú an fear is mó go bhfuil ár muinghin as. Cad é an bun atá leis an bhfocal so, ní thuigim é? cad is brigh nó ciall leis? Cainnt bhun-os-cionn d'aonne a rádh gur drochdhuine cách ach é féin: mícheart. Táim cráidhte agat lé síorlorg orm, fan bun-os-cionn liom: fan óm láthair, ná bíodh aon bhaint agat liom. Ná bí ag cur a mhilleáin orm-sa gur me thóg do chuid-se, táim bun-os-cionn air: níor chuireas mo lámh air. Cuireadh n-a leith gur b'é do mhairbh mo mhadra, ach bhí sé bun-os-cionn air: ní hé a dhein é. Bhíodh coidreamh maith agam ortha tráth, ach anois táim bun-os-cionn leo: ní bhíonn síos ná suas ar bith agam leó. Tá scéal an lae indiugh agat bun-os-cionn lé scéal an lae indé: malairt scéil seadh é, ní h-í an aithris chéadna í. Tair i mbun na gaoithe ar an áit: ar thaobh na gaoithe. Chuaidh an bád i mbun na gaoithe ar an mbád eile: chuaidh idir é agus an ghaoth. Bhíomair i mbun na gaoithe go maith: in ionad go raibh cóir mhaith sheóil againn gan túrnáil. Ná labhair bun-os-cionn le haonne: as an slighe, i gcuma chuirfeadh mairg air. Is mór an slogadh agus an dúil a bhí aige, níor leag sé gloine riamh as a bhéal gan í do chur go bun: í d'ól go tóin. Sháidh an saighdiúir a chloidheamh go bun sa bhfear mbocht: faid is d'fhéadfadh an cloidheamh dul n-a chorp. D'fhás an t-eidhneán ó bhun barr ar an gcrann: ón dtalamh suas go ráinigh na géaga. Chuaidh m'fhiacla in olcas go dtí nár fhan agam ach na bunanna: oiread díobh agus bhí ceangailte im chorrán. Shuidh sé ar bhun crainn: ar cheap cruinn: dhó nó trí throighthibh ar aoirde. Gearradh é i mbun a chluaise: mar a dteóruigheann an ceann agus an chluas. Bíonn bun na hadhairce níos reimhre ná an barr: i gcómhgar an chinn. Sháidh sé an mhuc i mbun na scórnaighe: in íochtar, san áit budh ghiorra don gcorp. Daoine ó bhun na gcnoc seadh iad (aithchiall): daoine coimhtheacha. Bun an staighre, bun na faille: an chuid is íochtaraighe. Chonnac an long ag bun na spéarach: an áit n-ar thaidhbhsigh an spéir agus an fharraige teangbháil lé chéile. Bun an tighe: an áit de is sia ón dteinteán. Bun an ghuirt: an áit is sia ón ngeata. Tá an scéal ó bhun agam, creid me: ón áit gur thúis do. Cuir bun ar an leitir sin: cuir i gcrích í, ná leig le faillighe í. Daoine go bhfuil bun ortha seadh iad: daoine fuaimeantamhla, daoine go bhfuil bail an tsaoghail ortha. Táid anbhocht agus gan aon

bhun mhaireachtana ortha: gan aon mhaoin nó strus ortha a thabharfadh beatha dhóibh. Bun i gcómhfhoclaibh aidiachta: cuibheasach, agus i gcómhfhoclaibh ainmneach: adhbhar maith. Tá sé bunárd: cuibheasach árd. Lá bunghlas dob eadh é: glas go maith. Ná cuir ualach bunthrom ar an asal, tá sé ró-lag: trom go maith. Ní ghearrfadh an scian bunmhaol san an t-arán: an faobhar bheith ag imtheacht di. Bunfhear seadh é: fear maith. Bungharsún: garsún go bhfuil deallramh maith air.

bunach: *f.1.* an chuid gharbh bhriste den líon scartha ón gcuid mhín. Chómh tirim lé bunach: anthirim. Cuireadh ag priocadh bunaigh é: cuireadh i bpríosún é.

bunadh: *f.1.* túis, dúthchas, préamh, fotha. Siad muinntir Chonnchabhair muinntir bhunaidh na háite seo: is iad an treabhachas iad gurb shia atá cúntas ortha do bheith annso. Bunadh maith galánta daoine seadh iad: thángadar ó phréimh mhaith. Daoine flaitheamhla dob eadh a mhuinntir, duine gortach é féin, níl sé ag dul lé n-a bhuandh: níl sé ag dul lé n-a dhúthchas. Inneosad-sa dhuit cad thárla, mar tá an scéal ó bhunadh agam: ón dtúis cheart. Níl aon bhunadh ar an dtalamh aige: eadáil, stoc.

bunadhas: *f.1.* túis, fotha, cúis, neart, scabhárd, adhbhar aon rud. Ná bíodh aon dearmhad ar do chuid cainnte labhair le bundhas: fuaimeant. Dá mhéid adubhairt sé liom d'iarraidh é féin do chur in iúil ní bhfuaireas aon bhunadhas leis: níor thuigeas é. Tá do chuid oibre déanta gan aon bhunadhas: slacht, críochnughadh. Bíodh bunadhas oibre leat: deallramh, cuma ar do chuid oibre. Rugas im bhaclainn air agus ní bhfuaireas bunadhas ar bith ann: tathag. Bíodh bunadhas leat: bíodh ciall agus éifeacht leat. Sin tigh go bhfuil bunadhas air: tigh go bhfuil cóir air, gur furaist aithint go dtugtar aire dho. Sin árus atá róbheag chun an aráin do choimeád, faigh ceann go mbeidh bunadhas air: ceann a dhéanfaidh an bheart. D'fhág sé bunadhas na talmhan le hudhacht ag an mac budh shine: an chuid budh mhó. Cad é an bunadhas atá agaibh i gConnacht leis an bhfocal "biseach"?: an chiall nó an bhrigh. Cad é bunadhas an leabhair atá agat dhá scríobh fé láthair? an t-adhbhar go bhfuilir ag trácht air.

bunadhasach: *a.* ciallmhar, fuaimeantamhail; taithigeach; ó bhun; is tábhachtaighe. An lá dubhairt sé go raibh na tíortha ag faire ar chogadh eile acht le heagla a thoraidh tháinig cainnt bhunadhasach uaidh: cainnt chiallmhar. Dá mbudh fear bunadhasach thu ní fhágfá do ghluaisteán amuigh fén sín: fear críochnamhail, aireach. Ní feirmeóir bunadhasach feirmeóir aon bhó: láidir, taithigeach. Duine bunadhasach aonne go mbíonn fiche míle púnt sa bhanc aige: strusamhail, gustalach. Is fearr liom éisteacht leat-sa, mar, dar liom, gur tú is bunadhasaighe annso: is fuaimeantamhla, is mó go bhfuil cuma inchreidte ort. Céagaibh den dtriúr agaibh go labharfad leis? céagaibh an fear bunadhasach? an fear is mó lé rádh, is tábhachtaighe. Ní bhfuaireas aon amus air chun an bháid do dhíol saor liom, bhí sé róbhunadhasach dhom: ró-aireach, glic. Caithfir buillidhe níos bunadhasaighe ná buillidhe (de) mhaide do thabhairt don ndoras san chun é do bhriseadh: níos láidre, fuinneamhla.

bunaidh: *a.* ó thúis. Innstear an scéal céadna ar fuaid an domhain, ní feas cad é teanga bunaidh do: an teanga 'n-ar labhradh ar dtúis é. Na Fearna i Loch Garman ionad bunaidh mo dhaoine: is ann do shíolbhruigheadar i dtosach. Gaedhilg mo theanga bhunaidh: an

teanga do labhras sa chliabhán. Ní bheidís sásta lé scéal scéil bhí fios bunaidh uatha: mion-eolas, miontuairisc.

bun-áit: *b.2.* príomh-áit, ceannphort, árd-ionad. Caithfir dul go dtín mbun-áit chun cúntais chruinn d'fhagháil: go dtín áit is aoirde. Teach Laighean bun-áit an riaghaltais: an phríomh-áit, mara ngluaiseann gnótha na tíre as. Cá bhfuil do bhun-áit-sa sa chathair seo? cá gcómhnuighir annso? Ní fheadair aonne cá bhfuil bun-áit na cuaiche: an áit is mó go lonnuigheann sí. An Churrach (Cill Dara) bun-áit an airm: an ceannphort, an áit go bhfuil cómhnaidhe air.

bunáite: *b.4.* furmhór, ciall nó brigh. Lé n-a fhéile thug sé bunáite a raibh aige dom: furmhór. Seadh, tuigeann tú anois me, ní gádh dhom a thuilleadh a rádh, tá bunáite an scéil agat: ciall nó brigh an scéil.

bun-áiteach: *a.* príomh, dearbhtha, dána. Ní sibh-se daoine bun-áiteacha an pharóiste seo, is fada uaidh sibh: ní sibh is sia ná is tábhachtaighe ann. Ná bí ag argóint liomsa chómh bun-áiteach san, seanduine me a's níl ionat ach ógánach: dána, clódhchaiseach.

bunata: *a.* curtha ar siubhal, socruighthe, trom. Is deacair me do chur as so, táim bunata annso go daingean: socruighthe, curtha fúm. Obair bhunata dob eadh an droichead san do dhéanamh: trom, mórmhuirearach.

búndún: *f.1.* an deireadh, míchiall. D'ith na ba an coirce go búndún: gach aon léas de. Ceathrar fear ag gabháil ar an nduine bocht; fuair sé ó bhúndún é: bualadh trom gan trócaire. De ló agus d'oidhche, ó Luan go Satharn ag cur a bhúndúin amach: ag obair go ródhian air féin. Éist, tá iomad cainnte agat, búndún ort! greadadh chughat! Fear mór tobac é, ólann sé gach píp go búndún: faid agus thiocfadh gal aiste. "Cad as tú?" – "ó bhúndún mhóire": an áit is sia siar in Éirinn. Dá gcuirfeá do bhúndún amach ní fhéadfá chúig míle san uair a chluig do shiubhal: dá mhéid do dhéanfá do dhícheall. Smiot 'Muiris an Chipín' a chloidheamh go búndún ar a namhaid: go dtín méid a bhí n-a láimh aige. "Nách é atá go gléasta, an duine gan chiall" – "búndún!": duine nách dtagann a chuid éadaigh go maith dho. As do bhúndún é!

búndúnach: *a.* tútach, botúnach. Nách búndúnach an tslighe atá an seóladh san scríbhte, cé chuige an leitir? botúnach neamhshlachtmhar. Ná bí búndúnach id labharthaibh: ná bí aineólach.

bun-nós: *f.1.* sean-nós. Bun-nós seadh coinneal do lasadh i ngach fuinneóig sa tigh oidhche Nodlag: riamh leis na ciantaibh deintear é.

bunphréamh: *b.2.* cinidh ársa, an phréamh is sine. Den mbunphréimh seadh na Brianaigh: an-ársa. Do strac an ghaoth an crann ón mbunphréimh: ón bpréimh is íochtaraighe.

bunóc: *b.2.* leanbh an-óg (tréis saoghaluighthe). Tá aithne agam ort ó bhís id bhunóic: ó bhís an-óg. Táir chómh glanbheárrtha san go bhfuil croiceann na bunóice ort: cneas

chómh mín sin. Níor fhan neart bunóice ann cheal bídh: laige mhór. Id bhunóic dheirg do bhís nuair fuair t'athair bás: an-óg ar fad.

buntáiste: [**búntáiste**] *b.4.* tairbhe, bail, sochar; rud do shroicheann duine thar mar thuilleann sé nó dheineann sé; iarracht ar bhreis do bhaint amach lé fonn tairbhe. Dhá pheann mhaithe seadh iad is beag an bhúntáiste ag ceann aca ar an gceann eile: is beag feabhas: budh dheacair rogha do bhaint asta. Rug sé búntáiste orm a's me ag troid leis, bhuail sé me ar an dtalamh dom: bhuail sé go neamhfhearamhail me nuair fuair sé cao thairbhe orm. Is cuma connus do dhéinim mo chuid oibre bíonn sé ag fagháil búntáiste orm: d'iarraidh locht d'fhagháil orm gan cheart. Is iomdha búntáiste gheibheann freastalaidhe búird seachas a thuarasdal: síntiús ó lucht bídh, biadh dho féin agus mar sin de. Ná bí ag breith búntáiste ar an bhfalla nó tuitfidh sé: ná bí d'iarraidh dul ró-fhada isteach fé ag fagháil ruda éigin. Nuair bhí an Sáirséalach imthighthe thar lear fuair Sasana an búntáiste agus bhris sí Connradh Luimnighe: cao neamhchomhthrom. Fill ar do ghnó, tá búntáiste ann: locht. Ní búntáiste dhuit dul i ngluaisteán lé é do shiubhal, ó tá am go leór agat a's an lá breágh: tairbhe, rud buaidhte.

búntáisteach: [**buntáisteach**] *a.* tairbheach, sochrach; ag fagháil amuis míchirt; lochtach, cnáimhseánach. Ní ceart duit bheith búntáisteach ar mo ghnóth do shíor: dúlmhar i bhfagháil locht orm thar teórainn. Beidh slighe bhúntáisteach agat ag obair don bhfear so, mar níl sé dian: slighe bhog, réidh gur furaiste dhuit gabháil léi. Ní fhéadfá gan obair bhúntáisteach do dhéanamh le droch-úirlisidhibh mar iad san: obair lochtach. Cníopaire beag, búntáisteach seadh é riamh: míoshásta, cnáimhseánach.

buntighearna: *f.4.* fó-thighearna; aiththighearna. Budh mheasa na buntighearnaidhe ná na tighearnaidhe féin: na daoine a bhíodh ag bailiughadh a gcíosa dhóibh.

buntsop: *f.1.* an sop dín a bhíos feadh na bundalaighe ar thigh.

bunughadh: (*-uighthe*) ag cur fé: ag socrughadh go daingean, ag lonnughadh; ag cómhnaidhe; ag cur ar siubhal (mar siopa, obair etc.). Is maith an cómhartha go bhfuil na daoine ag buanughadh san áit: ag neartughadh 'sag méadughadh. Ní fhágfaidh sé an ball choidhche airís, tá sé ag bunughadh fé ann: ag cur roimis maireachtaint ann. Tréis bunuighthe na scoile: tréis a tógtha, agus a cur ar siubhal. Cé tá ag bunughadh cúrsa na feóla in aisce? ghá thionnscain, ghá thosnughadh. Ní thaithnigheann bunughadh na Gaedhilge lé Seóinínidhibh: aithbheódhachtaint agus neartughadh.

bunuighim: *b.a.* ₇ *b. n-a.* socruighim, lonnuighim, cómhnuighim; tionnscnaim, tosnuighim. Go mbunuighidh Dia thu, is fiú aon nidh thu: go gcuiridh Dia an rath ort, saoghal sásamhach do thabhairt duit. Taithnigheann an áit seo liom, bunóchad ann má fhéadaim: cuirfead fúm ann. Thagadh na Danair isteach fén ndúthaigh, ach ní bhunuighidís ach cois na mara: ní lonnuighidís. Ná labhradh aonne agaibh rómham-sa, bunóchad-sa an chainnt: tosnóchad-sa í. Bunuigh tú féin san áit sin: bíodh tigh agat ann, pós agus bíodh clann agat. Bhunófá tú féin ar an gcathaoir sin dá bhfágfí agat í: ghreamófá í agus chongbhófá mar shuidheachán í. Bunuigheadh an droichead dachad bliadhain ó shoin: tosnuigheadh ar a thógáil. Bunuigheadh mórán monchraidhe ar fuaid

na tíre lé chúig bhliadhnaibh: tógadh agus cuireadh ar siubhal iad. Budh bheag do bheadh aige mara mbeadh an té a bhunuigh é: an duine a chuir ar a bhonn é. Cé gur lá breágh é bunóchaidh sé fós: atharóchaidh sé agus raghaidh sé in olcas. Bunóchaidh an crann san, ach is go mall é: fásfaidh sé.

búrdáil: *b.3.* bualadh, léasadh, suathadh corpardha. Thug sé búrdáil don mhadra le téadán: bualadh trom. Ní tháinig sé chuige féin ón mbúrdáil a fuair sé ar an aonach: léasadh a's bualadh. Thug an máighistir búrdáil an anama dhom mar ná raibh mo cheacht saothruighthe agam: bualadh.

búrdún: *f.1.* bíodán, suainseán; dánfhocal. An bhfuil do bhúrdún críochnuighthe agat? do bhailiúchán scéalta. Beir leat do bhúrdán in áit éigin eile: do chuid bíodáin nó suainseáin.

C

cá: cad?, céaca (cioca)?, connus, cad é an áit, cuma, treó, aiste etc. Cá bhfios duit ná go bhfaghfá tigh anáirde dá loirgtheá? níl a fhios agat ná go bhfaghfá. Cá bhfios (cabhas) dom-sa cé h-é sin, ní fheaca riamh roime seo é: táim dall ar cé h-é féin. Labhrann sé muinnteardha go maith, ach cá bhfios nách bhfuil a mhalairt istigh aige? connus bheadh duine deimhnightheach? Duine iasachta san áit seo seadh mise, cá bhfios dom cé h-é aonne? níl eólas ná aithne agam ar aonne. Cá bhfios d'aonne láthair, uain ná connus a bhás: rud ná feadair peacach. An dtiocfaidh sé – cá bhfios? ní fhéadfadh aonne a rádh go cinnte. Thiocfainn ar do thuairsc ach cá bhfios dom cá rabhais: ní raibh a fhios agam cá bhfaghainn tú. Cár bhfearr(a) duit sud do dhéanfá ná fanacht againn go maidean: nách é an rud is fearr é. Cár bhfearr(a) dhuit bheith ag obair 'ná bheith díomhaoin ar an méid do thuillir? bheadh sé chómh maith díreach agat bheith díomhaoin lé bheith ag obair. Ní aithnighim na daoine sin cá h-áit dóibh? cad as iad? Chuala gur fhágais oifig an phuist, cá h-áit duit fé láthair? cá bhfuilir ag obair? ní h-eol dom cá bhfuilim leis an ndoircheacht: cá h-áit dom. Cá h-ainm a chuirfead síos duit? – Seán nó Séamas. Cá mhéid airgid do thugais ar an dtigh-seo? cad é an luach? Cá mhéid fear ag obair annso? cad é an líon nó an uimhir? Cá cuma domh-sa cé dho go n-oibreóchad má gheibhim mo chomhthrom airgid? is é an rud céadna dom-sa é. "Budh cheart do dhuine éigin bás a dhreathár d'innsint do" – "cá beag a luaithe". Cloisfidh sé in am go leór: ní faic buaidhte dho é do chlos go grod. Cá beag do púnt i gcóir chostais an lae: beag a dhóthain an méid sin. "Cloisim go mbeir ag pósadh go luath" – "cá mór dom san": ná fuil sé de cheart agus de chóir agam. "Cá mór dom suidheachán chun búird chómh maith lé cách: ná h-oireann sé dom agus nách bhfuil ceart agam é d'fhagháil. Nách bhfuil cuid mhaith oibre déanta agam anois? cá beag dom stad? ná fuil mo chion déanta agam. Cá locht atá agat ar mo ghuth, nách bhfuil sí binn? cad é an locht? Cá locht air cabhradh lé n-a dhreatháir roim aonne eile: cé h-é go mbeadh milleán aige air 'n-a thaobh? cá bhfuil an bun le locht? Nách mór an deabhadh atá ort, cá triall? cá bhfuilir ag dul? Cá maith an glas do chur ar an ndoras tréis na slaide: cad é an chiall atá leis. Cá maith an deoch-so? cad air gur maith í? Iasc gan salann lé dhá lá seadh é, cá h-olc é? cad é a stáid lé n-a olcas? Cá fada ó B'l'Áth Cliath go Corcaigh? cad é an t-achar? Cá fada ó fuair Peáirneil bás? an iomdha bliadhain? Cá treó ghaibh an Áid ag teacht lé h-armáil go h-Éirinn Seachtmhain na Cásca? cad é an bealach. Cá h-am anois é? cad é an t-am é? Cá h-aimsir bhí Piaras Firtéar 'n-a bheathaidh? cad é an t-am den saoghal? Muna ndeineadh sé aon mhaitheas mhór dhuit an cogus so do thógaint, cár mhisde thu é, ach go h-áirighthe? cad é an díobháil? Cár mhisde liom-sa cabhair do thabhairt do dhuine a thabharfadh cabhair é féin: níor leasc liom é. Cá mb'fháth (comá) go mbeidhfeá ag bruighean lé h-aonne? cad é an chúis? connus is féidir leat a cheart do shuidheamh? Cár bh'iongtach liom-sa do chulaith dá mbeadh cur leis agat: níor chúis iontais dom-sa an t-éadach breágh so ort dá mbeadh gustal dá réir agat. Éist, a dhuine, cá moladh fuair sé nuair bhraitheadar airgead aige: níor mholadh go dtí é. Cá cuma dhómh-sa thu saidhbhir: is é an rud céadna dómh-sa é. Cá ciall don bhfocal "luath"? cad é an bhrigh atá leis? Sid é sibh ag itheadh a's ag ól gan mise, cá bhfágtí me? cad mar gheall orm-sa? Ag cainnt ar Eóghan Ruadh Ó Néill mar shaighdiúir, cá bhfágair Pádraig Sáirséal? cad fáth ná tráchtair air sin freisin? Ná bí ag cainnt, a dhuine, cá fearg agus bhí air: a lithéid. Ní fuláir nó is maith an mhóin í sin, cá teas atá ón dteine: teas mór.

Cá minic do bhuailis ar an ndoras sar ar h-oscladh duit? cad é an méid uair. Cá doimhin an fharraige annso? – dathad feadh. Cá h-eagla do chuir an tarbh orm: ná bí ag cainnt, ní fheadair aonne é ach me féin.

cab: *f.1.* beul, beul mar bheadh ar shilige (caol, géar) nó ar árus, focal mhímheastamhail ar an mbéal. Bhuaileas sa chab é: sa bhéal. Chuaidh an dubhán ceangailte i gcab an éisc: 'n-a bhéal lasmuigh den gcnámh. Leig dom, a dhuine, nár fhéadas mo bhéal d'oscailt leis an gcab chun cainnte a bhí uirthe: an fonn, an béal, mar déarfá, déanta oireamhnach chuige. Féach an cab atá air ag sádhadh a chinn san uile rud: cuma chainnte ar a bhéal, deiliúsach, neambéasach. Sháidheas me féin fé chab carraige ón mbáistigh: an méid di a bhí éirighthe agus follamhas fé. Foluigh an biadh fé chab cloiche: an méid di atá follamh fúithe. Cuir díot an cab: an chuma neamhthaithneamhach. Léan id chab! ná h-éisteóchadh: greadadh chughat mar gheall ar do chuid cainnte ná fuil taithneamhach ná oireamhnach. Chuir sé cab air féin in ionad freagra séimh do thabhairt orm: draid, scaimh, cuma mígheanamhail. Cad é an cab-so ort! deirtear lé duine go mbíonn iomad cainnte aige, nó go mbíonn deallramh air tímcheall a bhéil ná taithnigheann leat.

cába: *f.4.* hata, bairéad, clóca. Beir leat do chába, tá do cheann leis (ris): hata, bairéad. "Cad is ainm duit?" – "tá m'ainm os mo chionn agus m'ainm fúm – Cathaoir Mac Cába": sin é an freagra do thug Cathaoir nuair fiafruigheadh de an cheist. Níl aon chaba ar mo chlóca: níl aon chinnbheart air: clúdach cinn. A chircín an chába (i rím leanbh): a chircín go bhfuil struicín beag anáirde ar chúl do chinn mar bhíonn ar riabhóig.

cabach: *a.* cainnteach, tagarthach, deiliúsach. Táir cabach do dhóthain, ní chuirfeadh sé aon iongadh orm cad déarfá tarcuisneach: iomad chainnte as an mbealach. Teallaire cabach a innseadh dá mhuinntir ag baile gach nidh dá bhfeiceadh a's dá gcloiseadh.

cabaire: *f.4.* duine róchainnteach, deiliúsach. Cuireann an focal so i dtuigsint béal cumtha mar béal éisc. "Eist, a chabaire bhig níl aonne ag iarraidh do chainnte ort: duine beag lán de theallaireacht a sháidheas a cheann i nidhthibh ná baineann leis, sár-eólgaiseach, dar leis. Pé maith atá ionat cabaire maith seadh thu: cuireann in iúil go bhfuilir ann. Cabaire garsúin seadh é ná buailfidh aonne an bob air: i ndán aire do thabhairt do féin. Cabaire fir, mná etc.

cabaireacht: *b.3.* gleódhchainnt, clóchas cainnte. Cuir uait cabaireacht agus déin rud éigin: cainnt nách mbaineann leis an nidh atá i dtreis. Mara mbeadh a chuid cabaireachta ag cur a chinn i nidh nár bhain leis, ní bhainfeadh aonne leis: treasnaghal gan ughdarás, gan iarraidh. Ní leigfeadh an chabaireacht do a bhéal d'éisteacht agus a rún do choimeád aige féin: an fonn tar meón chun é féin do chur in iúil. Mhill sé an cruinniughadh lé cabaireacht aighnis gan focal do rádh ar an rud a bhí fé dhiospóireacht: giob geab gan aon fhuaimeant.

cábán: *f.1.* both, bothán, pobal beag, iostas mar bheadh do chaptean luinge, d'oifigeach nó do lucht taisdil (ar luing). "Ó phálas árdaicimigh an rí go cábán an lábánaigh is lugha" [seo mar do thosnuigh an t-athair Ó Cathasaigh an tseanmóin iontach do thug sé uaidh i sáipéal na Carraige fadó]: bothán. Thóg sé tigh beag deas cluthmhair mar bhéadh cábán

luinge: áitín ghleóidhte, ghlan. “Cá bhfuil sé?” – “tá sé sa chábán”: an áit is tábhachtaighe den dtigh. Mhuise, níl aige ach cábáinín tighe: tigín cumhang.

cabanta: *a.* deiliúsach, clóchaiseach, iomadchainnteach, in aois gur b’eól do dhuine cad bhíonn ar siubhal aige. An té is óige dá chlainn tá sé cabanta go maith: in aois tuigseana, cliste a dhóthain chun aire do thabhairt do féin. Dá mbeinn leath chómh cabanta leat-sa d’eireóchadh liom níos fearr: aireach, neamhfhaillightheach. Leanbaidhe cabanta, ní gádh iad do thionnlacan ar an dtraen: i ndán aire do thabhairt dóibh féin. Ná bí cabanta liom, teastuigheann uaim me d’fhreagairt go béasamhail: ná bíodh giorraisc chainnte agat. Ní raibh sa tigh seanduine beag cabanta go raibh cuma aibidh-labhartha air.

cabghail: *f.3.* mionchainnt gan puinn béasamhlacht. Cabghail gan éifeacht d’aonne a rádh go ndéanfadh so nó súd ar ócáid nár dhein aonne rud a thaithnigh leis: gliogaireacht.

cabhach: *a.* cabhadh do bheith ann. Faill chabhach seadh í, beidh foithin ón ngaoith againn gen-a bun: a cuid uachtarach ag éirghe amach. Árus cabhach seadh cor cún: níl a cliatháin anáirde díreach: táid ar fiar. D’éaluigh an girrfhiadh uaim fé chloich chabhaigh: go raibh follamh.

cabhadh: *f.1.* (**cabhaite**) follamhas fé charraig, faill; fiar mar bhíonn ar an dtaobh istigh de chorcán, den ngealaigh nuaidh etc.; cor (as a dhíreach). Téidheann breac abhann isteach fé chabhadh cloiche nó puirt ar a chosaint féin: fén bhfaobhar go mbíonn faoin amach air. Cheangail piast fharraige i gcabhadh faille agus ní fhéadfadh í féin d’fhuascailt: cumar nó méiscre. Cabhadh mór cnuic go raibh loch ann do bhuail linn: com nó clais dhoimhin go raibh cnoc ag éirghe amach ós a chionn. Bhain an dochtúir an oiread san droichfheóla as an gcneadh gur fhág sé cabhadh innte: clais fhollamh. Raigheadh do dhorn isteach sa chabhadh bhí ’n-a cheann mar ar buaileadh é: poll. Nách ait an déanamh atá ar an mbuidéal san? tá cabhadh ann chun é do luighe leat i bpóca do chromáin: lag: clais: faoin.

cabhail: *b.5.* (*cabhlach*) an corp ó phollaibh oscal go cromáin, an creat gan na géaga; an méid de léine, chasóig nó d’ionar ós na géagaibh síos go cromáin; an log (in arm – sluasad, ránn píce nó a lithéid) go ndaingnightear an chos nó an feac innte; corp luinge gan na crainn nó an chulaithirt seóil, corp chairte nó gluaisteáin, nó rothair, gan na rothanna; fallaidhe follamha tighe gan an troscán ná faic eile; an crann gan na géaga ná na préamhacha. Mo ghradhain do chabhail! is tréan an bheart atá déanta agat, buadhachtaint ar dheichneabhar: mo ghrádh gníomh do chuirp, taithnighir liom. Nuair ghnidheann duine gníomh taithneamhach deirtear, ghá mholadh; mo chabhail é! is fada ó chríochnughadh an tigh, níl ann fós ach an chabhail: na fallaidhe amháin, gan troscán ná rothaidhe istigh ann. Cuir an crios so thar do chabhail (aniar) agus fáisc do bhalcaisidhe ort: tharat aniar: tímcheall do chuim. Is breágh an chabhail fhir atá agat: déanamh maith ort. Téagartha go maith ataoi dathad órdlach tímcheall do chabhlach: tímcheall do chuirp os cionn do chromán díreach. Cuir cabhail ort laistigh den ionar san: balcais ó ghualnibh go cromáin. Is fada m’aithne ort – ó bhís i gcóta na cabhlach: fallaing ó ghuailnibh go h-ailt. Clann nách bhfuil ach i gcóta na cabhlach seadh fós iad: an-óg, gan bheith in aois triubhais do chaitheamh. I gcabhail na luinge seadh bhíonn na teinteacha: ’n-a bolg: ’n-a

corplár. Ní ghluaiseann cabhail na trucallach gan na rothanna: an bonn a's na leathchlaithe. Cuirfead rothanna nuadha ar chabhail an rothair: fráma. Bhuail seachránaidhe liom i mball uaigneach coille, 'n-a shuidhe ar chabhail crainn: an chuid de gan na géaga. Sámhthach ró-reamhar ná raghadh i gcabhail na sluaiste seadh í: san bpoll (log) choimeádta. Ceannóchad an chabhail dheaghchniotálta san: ball éadaigh gan muilchirtidhe. Léimeas sé troighthe as mo chabhail amach: as an áit go rabhas im sheasamh ann. D'fháisc sí a h-inghean lé n-a cabhail lé reacht ceana: isteach lé n-a corp go dlúth. Deallramh capaill mhaith seadh an chabhail théagartha san air: an corp siar go dtín easna deireadh. As do chabhail é! as do chabhail é: go h-iongtach!

cabhair: *b.3. 7 5.* cóngnamh, taca, teannta. Buaileadh buille air do chuir ó chabhair é: do chuir gan mhaith é, nó do mhairbh é. Ní h-aon mhaith dochtúir do anois, tá sé ó chabhair: thar fóirthint. Póitire ó chabhair anois é: ní fhéadfadh sé an deoch do thréigean. Gluaisteán máchaileach ó chabhair é: níl oiread go maith de a's gurbh fhéidir a dheisiughadh. Beag an chabhair bheith ag brath ar iascaire chun feirmeóireachta: ní maith é: is fuar an gnóth é. Ní bhfaghair cabhair coise láimhe, ná póca uaim: tacaidheacht ar bith. Dé bheatha-sa, a chabhair an eadarshuth! Deirtear so lé duine a thagas déidheanach chun mithile, nó an chabhair ná bíonn súil léi. Cheapas go raibh mo phócaidhe follamh; cabhair Dé chughainn, tá scilling agam. Cabhair Dé chughainn, is bocht an saoghal é: bíodh ár muinghin i nDia. Ag ól sláinte a chéile deir an chuideachta, "cabhair Dé chughainn": go raibh Dia maille linn. I gcabhair a chéile is treise sinn: lé chéile: cómhoibriughadh eadrainn. Sin fear leagtha, téidhimís i gcabhair: ag fóirthint air. Dá luighead é púnt dob é an chabhair gheal do dhuine bhocht é: is roimis bhí an fháilte. Budh gheairid do bhí an scoil dhá thógaint, bhí cabhair mhaith chúiche: cuid mhaith fear ag gabháil di. Budh mhaith an chabhair chuige easláinte do thabhairt do bheith amuigh fé gach sín: do luathuigh san é. Níl aon chabhair i dtigh chómh maith le capall: is deacair déanamh gan é. Ní h-aon chabhair duit tabhairt fén mbóthar anois, beir ró-dhéidheanach: maitheas, tairbhe. Ní fhéadfainn chun mórán cabhartha dom mháthair, ní rabhas ach chúig bhliadhna d'aois: chun mórán maitheasa. Tabhair lámh chabhrach leis an lag: tacuigh leis. Cabhair! cabhair! tá an tigh trí theine! tagtar ag fóirthint. Lé h-áthas nó nuair thárluigheann rud as an slighe nách fiú mórán é deirtear: "cabhair ó Dhia chughainn". Aon rud maith a thagas gan choinne leis deirtear, "cabhair ó Dhia é". Bean chabhra dob eadh í nár chaill leanbh ná máthair riamh: bean a fhóghnas ar mhnáibh 'n-a leabaidh luighe seóil.

cabhán: *f.1.* máchail bhuan: ceasnaidhe chómhnaidhtheach. Chuir an dlighe fada costasamhail cabhán orm: do rinne lucht na dlighe díobháil ró-mhór dom leis an méid do chaitheas ortha. Níor eirigh sé dá leabaidh lé trí bliadhanaibh; d'fhág an obair dhian san Oileán Úr cabhán fada air: máchail throm shláinte. Briseadh a dhá chois, tá cabhán lé n-a shaoghal air: ní thiocfaidh sé chuige féin mar bhí sé choidhche airís. Cuirfead-sa cabhán ort, muna leigir dom: déanfad díobháil chuirp dhuit. Cabhán cléibhe air nár fhan socair: cion a dhearmaid go raibh aige nár thug aire dho féin agus a fhios aige cad bhí n-a chóir. D'fhág an pheil cabhán orm: gortughadh doileighiste.

cabhartha: *a.* coganta. Bean chabhartha: bean a fhóghnas i saoghlughadh clainne. Cér bh'iad do lucht cabhartha i rith na h-oifige gur bhriseabhair í? na daoine a bhí d'aon

bhuidhin leat? Rud cabhartha do sheanduine seadh bata: cuireann sé an bealach de níos fearr lé n-a thaca. Beir lámh chabhartha dhom leis na leabharthaibh seo d'iomchar: ádhbhar tacaidheachta.

cabhartha: *f.4.* cabharthóir, cogantóir, taca. Cúis mhórtais duit obair throm na h-oifige do dhéanamh gan chabhartha: gan duine ar bith ag déanamh faic duit. Beidh triúr cabharthaidhe agat ag múineadh na scoile: daoine a bhéas ag déanamh na h-oibre céadna.

cabhlach: *b.2.* an corp gan na géaga: fráma: cuid mhór: luingeas: maoin. In aois fir do ní bheidh aon cheal cabhlaighe air, tá fás maith fé. Is taithneamhach an chabhlach mná atá fúithe: déanamh a's seasamh. Budh bhreágh an chabhlach fear a thagadh chun aifrinn i nDún Chaoin fiche bliadhain: gasra láidir, chúmta. Im gharsún dom chídhinn cabhlach mór iascaigh ón bhFrainnc tímcheall Chiarraighe san Earrach: mór-chuid long iascaigh. Beidh cabhlach againn ann: líon mór.

cabhruighim: *b. n-a.* tugaim cabhair uaim do. Cé chabhróchaidh liom anois go bhfuilim ar lár: cé h-é a dhéanfaidh taca liom. Chabhróchadh caol-chuid duine bocht: budh mhór an nidh an beagán féin do dhuine i ngádh.

cábla: *f.4.* téad mhór, fhada, théagartha de chnáib, chadás nó de chairche. "Loingeasaidhe...gan luascadh ar linn dá gcáblaidhe etc." (seanamhrán): na téada móra a bhí ghá gcoimeád ar ancaire: chómh ciúin sin ná raibh strus ortha.

cáblach: *a.* fé mhórán cáblaidhe: tromfholtach. Long cháblach ar a céad gheábh, cad chaill í: long ghléasta go maith, bean ag rinnce 'sa cuacha léi go cáblach: go tiugh, trom, fada.

cábóg: *b.2.* seanbhairéad: tuata duine: neamheolgaidhe. Malairt hata d'fhagháil, níl annso ach seancháb*óg* leachta: seanrud imthighthe as déanamh. An dóigh leat, a bhleaigeáird sráide gur cábóg tuaithe mise chun bheith ag magadh fé mar sin: tuata ionfhonmhóide gan eolas. Cábóga bochta a bhíos ag obair moch, déidheanach seadh iad: daoine gan tábhacht.

cacamas: *f.1.* an chuid is measa: díg, mímheas a's táir: ruide: díthcéille. Níl ach cacamas a rádh go bhfuil seagal chómh maith le cruithneacht chun aráin, go bhfuil Sasanach chómh maith lé hÉireannach: díthcéille: cainnt san aer. Is mór an cacamas ar dhúthaigh bhocht oifigigh do bheith ag fagháil dhá mhíle púnt sa mbliadhain as gan luid oibre ortha: an leamhas a's an tarcuisne ar dhaoinibh. Cacamas ceart seadh daoine atá in aghaidh na h-Éireann do bheith in adhmanas agus na daoine a shoirbhigh di do bheith díomhaoin: dímheas agus scannail. Ní bhfuair an t-asal faic lé n-itheadh ach an cacamas, brobh aitinn, maidir leis an gcapall a fuair coirce a's féar tirim: díg an bhídh. Nuair bheadh duine ag cainnt gan deallramh leis, deir duine eile, "cacamas!"

cácar: *f.1.* duine nó ainmhidhe cluichte nó claoidhte. An-imireóir seadh thu, ní fhéadfainn cúig d'fhagháil ort, táim im chácar agat: cluichte: rómhaith dhom pé slighe d'imreóchainn. Déanfaidh an capall dubh cácar d'aon chapall sa rás: buadhfaidh sé go

fairsing, go fuidheach. Chaith sí furmhór an tráthnóna d'iarraidh an ghluaisteáin do chur sa tsiubhal, chuaidh di, bhí sí n-a cácar aige: tugtha amach a's nár bh'fheas di cad dhéanfadh sí. Dhein an fharraige cácar den luing – b'éigean di filleadh: chuir sí a cómhacht ar neamhnidh. Briseadh mo pheann, níl faic eile chun scríobhtha agam, táim im chácar: táim curtha dem threóir. Tugtar cácar mar leas-ainm ar dhaoinibh go dtéidheann díobh.

cad: *for-ainm choibhneasa agus cheiste.* Cad chuige scian? cad é an áis do bhaintear aiste? Cad fáth an deabhadh ar fad so fút?: innis an chúis. Cad tá ort, go bhfuil cuma dhubhach ort? an nidh atá ag déanamh buadhartha dhuit. "Tabhair béile dhom" – "cad ar a shon?" an nidh gur cheart dom san do dhéanamh mar gheall air. Cad uime go bhfuilir ag gáiridhe? an rud is cúis leis. Cad é an béal atá ort, go deimhin is mór é (gráineamhail). Cad é an béal chun cainnte atá ort: ní fhéadfainn gan a thabhairt fé ndeara. Cad é an bhail atá ort? connus mar thá agat? Cad mar gheall air go mbeidhfeá ag feitheamh liom-sa? an chúis. Ná bíodh cad (aon chad) ort, ach tosnuigh: ná bí ag cur ceisteann. Ní fheadar cad dhéanfad ag an súil thinn seo: níl ar chumas a innsint an cor chuirfead díom féin. "Cad dhéanfadh mac an chait ach luch do mharbhadh": ní bheadh súil lé n-a mhalairt agat. Cad deirir lé dul ag coisidheacht: ar mhian leat nó nár mhian leat? Cad deirir (deire) leis nár léim isteach 'on lasair chun an leinbh do shaoradh: sin é díreach do rinne sin. Cad as duit? innis t'áit dhúthchais dom.

cadair: *b.5.* bean mhór, chorpach, aindeis. Bean gan luadar seadh í, tá sí n-a cadair lé feóil: neamhéascaidh. Stad! ná h-ith a thuilleadh den mbiadh, déanfair caidir díot féin leis: atfaidh an biadh má ithir breis de.

cadaráil: *b.3.* luadaráil chainnte, cainnte gan puinn fuaimeanta, ráfláil. "Chuala go mbeadh pósadh eadraibh sara fada" - "tá cadaráil air": cainnt nách cóir puinn muinghine do bheith aiste. Ag cadaráil le gach duine a bhuaileas léi do chaitheann sí an lá: cainnt sheafóideach. Cuir uait cadaráil agus déin rud éigin: cainnt gan bun.

cadh: *f.1.* follamhas nó poll i gcarraig nó i bport: méiscre. Bíonn cabha fé charraige ach bíonn cadh innte: poll nó scoilt dhoimhin. Gheibhtear partáin i gcaidhtibh charraigeach: cumaracha beaga i gcarraigeachaibh. Fuaireas gráineóg i gcadh claidhe: poll doimhin. Tá tóin na farraige lán de chaidhthibh a's de chabhannaibh: pollaidheacha doimhne ionta a's fútha.

cadhain: *b.2.* árus mar chorn. Nách mór an mhaitheas dhuit bheith ag saoradh airgid ar bhiadh a's bheith ghá chaitheamh ar ólachán. Nách ag cur cuid na cadhaine seo sa chadhain eile é? sé an rud céadna dhuit é. Cadhain mheala: cuasnóg beach mar gheóbhfá i móinfhéar: cír mheala.

cádhan: *b.2.* gé fhiadhain chuain: duine fáin. "Anois ó táim-se im chádhain bhocht, dhealbh ameasc na ndúthaighe fáin seo" – (amhrán): im sheachránaidhe gan áit chómhnaidhtheach agam: gan chómhluadar, gan cháirde. Caitheann an Giúdach a shaoghal ar fuaid na tíre 'n-a chádhain: ag síorghluaiseacht.

cádhas: *f.1.* príbhléid: brabúch nó tairbhe áirighthe, fé leith: taise nó saoirse ó dhualgas nó ualach coitcheann éigin. Tuigtear duit go bhfuil cádhas éigin sa tigh seo agat ar a dhánaidheacht a's a dhíomhaoine ataoi: ceart éigin leat féin.

cadhrán: *f.1.* blúire d'fhód móna (tirim). D'imthigh an mhóin n-a cadhránaibh lé triomacht: blúiridhe beaga cruinne. Cheannuigh sé asal ná raibh oiread cadhráin ann: asailín truaillighthe. Cuir cadhrán nó dhó guail ar an dteine: cnapán beag. A lithéid de dheiliús ag cadhrán fir: fear an-bheag agus an iomad cainnte aige.

cadrán: *f.1.* siosma, conspóid, míréidhteach. Mara mbeadh an oiread cadráin do bheith ameasc an lucht oibre ag itheadh 'sag bearradh ar a chéile bhainfidís breis ghéillte des na ceannaidhthibh. Ní gnáthach lucht cadráin buacach: daoine ná cuireann lé chéile gheibhtear an lámh uachtair ortha. Níor bh'fhiú liom dul chun cadráin leat mar gheall ar scilling: chun argóna. Na daoine féin do lait iad féin aimsir an Pheáirnéalaigh lé n-a gcuid cadráin gan éifeacht: imreas a's fonn achrainn. Ní túisce ná bheadh aon chadrán eadrainn mar gheall ar céaca dream poilitidheachta go bhfuil an ceart aca éireóchad as argóint n-a thaobh: aighneas easaontais.

cadránach: *a.* conspóideach, achrannach. Ná téir choidhche chun cinn, mo chómhairle dhuit, le duine cadránach i dtigh óil: go mbíonn fonn cainnte air chun achrainn do dhéanamh. Seasaimh do cheart ach ná bí cadránach le h-aonne: fonn argóna do chur ar dhaoinibh. Baile cadránach seadh é, bíd do shíor i ndlighe lé chéile ar an gcúis is lugha: gan muinnteardhas.

cadránta: *a.* ceanndáine, díothumhalta, righin, stóinsighthe: is oth liom ná leigfeadh sé dá mhac an cailín geanamhail úd do phósadh, dóthain aon fhir, ach tá sé cadránta riamh: bheadh a shlighe féin aige. Leig di féin, beidh a toil féin aice i ndeireadh dála. Staic chadránta seadh í: ní ghéillfeadh sí dá fheabhas cómhairle gheóbhadh sí. Dá dhéine cuadhthas air gur bh'fhearr glacadh leis an margadh idir Shasana agus Éire, fear cadránta dob eadh é gur bh'fhearr leis a anam do chailleamhaint 'ná géilleadh: righin, seasamh n-a chreidsin. Pé solaoid do thugair do, gheóbhair amach go bhfuil sé níos cadránta 'ná mar is dóigh leat, nách aon dóigh géillte é: righin, stóinsighthe.

cafaire: *f.4.* teallaire, duine go mbíonn cainnt thagarthach aige. Dá mbeadh béasa ag cafaire d'éistfeadh sé a bhéal: duine gur cuma leis ach bheith ag cainnt. A chafaire táim bodhar agat ag cainnt ar dhuine ná feacaís riamh, giob geab agat: a dhuine gan fuaimeant. Gan stad den scéal ag an gcafaire sin ag gleódhghal 'sag treasnaghal: gliogaire cainnteach. Ná déin cafaire dhíot ag aithinnsint an uile mhionscéal do chloisir: ag cainnt go díomhaoin.

cafaireacht: *b.3.* teallaireacht, cainnt dhíomhaoin gan bhrigh, gan chéill. Níl aon stad ort ag cainnt, níl agat ach cafaireacht: ráidhte gan fuaimeant. Is mithid dúinn cafaireacht do chaitheamh uainn agus dul i mbun ár ngnótha: cainnt ait gan bunadhas. Ní fiú liom tor do thabhairt ar do chuid cafaireachta: cainnt gan bun.

caibideal: *f.1.* roinnt de leabhar a thráchtas ar chuid fé leith de bhunaidh an leabhair: cómhairle lucht eaglaise: suidheachán cúirte, cuallachta, cómhairle (lucht dlighe nó a lithéid) chun gnótha do dhéanamh: cur a's cúiteamh: imreasán, achrann. Bíonn caibideal éigin ameasc mhuinntir an bhaile sin, an uile lá, nách neamhmuinnteardha an dream iad: achrann, míoshuaimhneas, ceal síothchána. Deirir-se gur leat-sa an hata so, deir seisean gur leis féin é agus deirim-se gur líom féin, beidh caibideal mar gheall air: achrann a's argóint sara réidhtightear é. D'fhonn gan dlighe ná caibideal do bheith againn ar ar fhág ár muinntir againn socruighimís eadrainn féin é: gan ár dtriall do bheith ar chúirt ná ar lucht réidhtigh eile seachas sinn féin. Níl an sagart paróiste sa bhaile indiu, tá sé ar chaibideal i gCill Áirne: táid i gcómhairle i dtaobh cúrsaidhe creidimh. Suidhimís i gcaibideal ar an stailc oibre seo: bíodh cruinniughadh againn, suadhaimís agus criatharthuighimís dhá thaobh an scéil as gach cúig atá i dtreis. Nách againn a bhíodh an caibideal gach oidhche i nDún Chaoin, connus mar budh cheart an talamh do roinnt fé chúirt na talmhan: an cur a's an cúiteamh: na bailighthe úrláir teinteáin ghá suathadh. Seadh, tá sé ar shlighe na firinne anois 'sis breágh an lá dho é, ní raibh dlighe ná caibideal riamh aige le h-aonne: mhair sé go síothchánta, muinnteardha lé n-a chómharsanaibh.

cáibleadh: *f.4.* (**cáibleáil**) suathadh, achrann, suainseán. Nách mór an cáibleadh fuair an doras nuadh glan ón ngaoith gur caitheadh isteach é: suathadh, tuargaint. I rith mo shaoghail ní raibh lá suaimhnis agam ach cáibleadh ó dhaoine a's ó bhochtnacht: tuargaint: iad ag luighe go trom orm. Teip a ghnótha, bás a mhná, breoidhteacht a chlainne dob é a cháibleadh saoghail sin: a chruadhtan. An oidhche ag rámhaidheacht i gcoinnibh farraige a's gaoithe d'iarraidh teacht i dtalamh is iad do fuair an cáibleadh: an duadh agus an anacair. Éist, a dhuine, a lithéid de cháibleadh agus fuair do chlú ón mbeirt aca, níor bh'fhiú deich thu 'n-a ndiaidh: suainseán, ithiomrádh, cúlchainnt aithiseach, tromaidheacht. Scaoilimís leis anois tá cáibleadh maith fachta aige uainn gan fearg do chur air: níor choigleamair an teanga air. Toisc an cháiblidh fuair na crainn ón ngaoith is beag toradh bheidh ortha: luascadh a's suathadh. Arbhar 'n-a luighe, guis phrátaidhe briste ag an gcáibleadh síne fuaireadar: bualadh agus suathadh.

caid: *b.2.* liathróid choise, liathróid (i bhfeirm); allait. Céaca bhuaidh an chaid indiu?: an cluiche peile. An t-aon chaitheamh aimsire atá aca, caid: imirt pheile. Táir ag tuiteam chun builg, ní fada go mbeir id chaid: cruinn, teann mar bheadh liathróid lán: éirighthe amach. Ní thaithnigheann an t-at san ar do mhuineál liom, tá sé 'n-a chaid chruaidh: lán suas teann. Bhítheas ag gabháil díom gur dheineadar caid díom: mar bheidhfeá ag bualadh peile. Bíonn sé ag ól go mbíonn sé chómh teann le caid: lán go "poll an phaidrín".

caidéis: *b.2.* ceistiúchán, cuardach, lorgaireacht. Scaoil thart anois me ná cuir aon chaidéis orm, tá iomad deabhaidh orm: stródh, cainnt. Ní chuirfinn caidéis ar aonne gur dhóigh liom nár mhaith leis é: ní chainnteóchainn é.

caidéiseach: *a.* fiafruightheach, fiosrach. Cad go mbeadh súil ag duine caidéiseach ach lé freagra giorraisc: an té bhíonn fiosrach gheibheann sé go minic freagra grod.

caidhnscáil: *b.3.* an ceangal nó cuibhreach ar dhubhán leis an ndaradha. Do ghearraidh an eascú an chaidhnscáil: an cuibhreach. (Chun na caidhnscála do chosaint ag iascach cholamóiridhe do castí snáithín olna uirthe).

caidhp: *b.2.* clúdach cinn clócha, an folt bréige a bhíos ar bhreitheamh nó dligheadóir. Thairng sí aniar caidhp a clóca uirthe féin chun í féin do chur as aitheantas. Seanchaidhp hata: hata gan duille. Tá caidhp ar an gcnoc: caipín ceóidh. Tháinig caidhp ghráineamhail ar an ólaidhe: casadh chun briste.

caidhpeóg: *b.2.* uainbhriste. Tonn mara go mbíonn cabha briste ag teacht air. Tagann caidhpeóga ar an gcuan nuair bhíonn taoide a's gaoth i gcoinnibh a chéile: capaill bhána.

caidhséar: *f.1.* béal sillidh; béal srutháin; múchán d'uisce; béal gáitéir. Ní rithfeadh an t-uisce, bhailigh salachar a's ruide i mbéal an chaidhséir a's líon an áit d'uisce: gáitéar. Do dhein an tuile caidhséar mór treasna an bhóthair: gearradh doimhin. Bí aireach, bheadh caidhséir ameasc na gcloch san i ganfhios do dhuine: puill dhoimhne nó méisciridhe.

caidhte: *f.4.* cloch shlinn, chruinn, ainm ghrinn ar bhonn airgid, mar leathchoróin. Bíodh cluiche caidhte againn: ag caitheamh chloch ar spric. Caidhte aráin: blúire mór leathan gan bheith árd: slisneóg mhaith. Ghlaoidh sé ar dhigh do n-a raibh láithreach agus chaith sé amach ar an gconntabhairt trí chaidhtidhe leathchorónach: buinn mhóra.

caidréis: *b.2.* rith seama: cainnt gan éifeacht. Nuair bhíonn braon fén bhfiacail ag duine bíonn caidréis an domhain aige: neamhfhuaimeant cainnte: buinne cainnte. Caidréis ar fad seadh do scéal: cainnt ná tráchtann an fhírinne. Caidréis dho a rádh go ndeachaidh gan codladh ar feadh seachtmhaine: áidhbhéis. Caidréis is mó bhíonn agat, ní chuirfinn muinghin as an uile fhocal agat: is cuma leat claoidhe leis an bhfírinne 'n-a h-iomláine.

caidréiseach: *a.* neamhéifeachtach: béal-áidhbhéiseach: bladhmchainnteach. Ní éisteann aonne lé duine caidréiseach mar thusa: gur cuma leat-sa cad deirir ach bheith ag cur thart. Dá fhaid í an oidhche ní choirfeadh sí fear caidréiseach mar thusa: sruthchainnteach. Tuirsigheann duine caidréiseach me: síorghiobaire.

caifirín: *f.4.* caipínín, binn nó críosúir casta tímcheall an chinn. Chidhfeá caifirín ar dócaire i dtigh ósda. Tá do hata 'n-a chaifirín ar mhullach do chinn: clúdach beag plaoisc ionmhagaidh.

caighdeán: *f.1.* tómhas, riaghail: cipín d'fhaid áirighthe chun an achair idir gach aon dá shadhm ar théid lín 'n-a chrochadh; aon rud a bhunuigheas é féin 'n-a riaghail dréir nóis: aontadh coitcheann, baramhal chách. "Is maith an caighdeán an fhírinne" (seanfhocal): níl aon rud chun leanamhaint dá réir níos fearr ná an fhírinne. "Cé innis an scéal-san duit, ní chreidim focal de? Séan? ha, há, tá caighdeán maith agat": fear gur féidir seasamh ar a fhocal (leamhas). Dá dteastuigheadh rudaidhe do chur ar áitreamhaibh áirighthe ó chéile, go n-eaga chéadna eatartha, gheibhtear tómhas (trí troighthe cuir i gcás) agus sin é an caighdeán. Cé h-é do chaighdeán rámhaidheachta? an té go ndéanfá aithris air? Tá obair chaighdeáin ar an dtigh sin: obair ion-aithris, obair do shásóchadh mian duine. Ní bhíodh

tuarasdal caighdeáin ag lucht oibre fadó: tuarasdal socruighthe dréir dlighe nó aontadh. An dream is árdghlóraighe ar Ghaedhilg chaighdeáin is iad is lugha eolas uirthe: Gaedhilg ion-aithris, an teanga do labharfadh a's do scríobhfadh an choitchiantacht as los gurbh í dob fheárr agus budh líomhtha.

cáil: *b.2.* clú, deaghthuairisc: beith nó feart, méid, toirt, cuid, roinnt: saghas, mianach. Chuir a charthanacht cáil mhaith amach air: clú agus meas mór air. Ní h-í cáil na macántachta a bhí ar bhitheamhnach Ghleanna Fleisce: ainm fhairsing. Ar aon rud ní thabharfainn mo cháil ar chladhaire mar thú: ní bheadh baint ar bith agam leat, ní oireamhnach sé dhom. Is mór í cáil feóla na h-Éireann: moladh fada, fairsing. Do rith cáil (olc) Chromaill ar fuaid na dúthaighe: d'imthigh a dhrochainm ameasc na ndaoine. Is measa cáil Thomáis ná Thaidhg: is lugha meas air. Cáil phoilitideachta ar an bPáirnéalach: amuigh air gur phoilitidheachtaidhe maith a bhí ann. An bhfuil a fhios agat go bhfuil cáil bhan ort? ráidhte ort go bhfuilir ceanamhail ortha. Ní h-éad liom do cháil: níor mhaith liom an meas ag na daoinibh ort orm. Tobac maith é seo, cé ná fuil aon cháil air: ní chloisfeá daoine ghá mholadh. Fear maith dob é ach d'imthigh a cháil lé n-a chuid: nuair bhí a raibh aige tagtha uaidh nó caithte aige ní raibh focal molta ag aonne dho. Gheóbhair an leabhar atá uait sa tsiopa so, mo thuairm, tá cáil leabhar air: i mbéal na ndaoine go bhfaghfá aon leabhar ionfhaghálta. Fuaireas cáil mhaith d'oidhreacht m'aintín: cuid mhaith. Éirigh moch i gcáil go mbeir in am úrdhubhadh na gealaighe d'amharc: ionnas go mbeidhfeá etc. Ag tuilleamh cáile bhíonn sé ag dul chun chruinnighthe 'sag crothadh lámh lé daoinibh: d'iarraidh é féin do chur os chómhair na ndaoine. Cad é an cháil atá sa phlúr san go bhfuil an teist ar fad air: cad é an bheith nó feart, an mhaitheas fé leith. Tháinig sé 'n-ár measc i gcáil fir mhacánta, cé shaoilfeadh go scriosfadh sé na daoine: i riocht fir mhacánta.

cail: *b.2.* seanbhean chríon. "Rún caile go h-iomcháin" (seanfhocal): mol seanbhean is coimeádfadh sí an rún ort, ach cain í is níl aon teóra léi.

cailc: *b.2.* mianach bog cré go mbaintear áis chun scríobhtha as agus chun nidhthe eile, teóra. B'fheárr dhuit gan a thuilleadh do rádh ar eagla go raghfá thar cailc air: dul tar meón. Is maith an rud cosamhlacht d'aon nidh, rud eile seadh dul thar cailc air: dul tar mar budh cheart. Mara mbeadh go ndeachaidh sé thar cailc 'ghom imdheargadh ní bhuailfinn é: an iomad ar fad do rádh liom. Muna gcuirir cailc leat féin ar an bhfuadar caite atá fút is gearr bhéas cianóg id spaga: muna gcaithir níos ciallmhaire. "Cad é an geall is aoirde bhéas sa chluiche (cártaidhe) seo againn?" – "scilling an chailc". Fuair na bochtáin blas na cailce ar a gcuid bainne i dtigh na mbocht. Léigheas ar an bpáipéar i dtaobh fir gurbh fhuraiste a chnámha do bhriseadh, go rabhadar chómh briosc le cailc: chómh soibhriste sin. Tairng stríoca cailce treasna an chláir: líne chailce. Cad tá ag an gcailc sa tigh sin ort? cad é an cúntas fiach atá ort ann?

cailce: *a.* geal ar nós na cailce: áluinn, bríoghmhar. Thugas a ghéaga cailce fé ndeara agus é ag snámh: géaga geala, deaghchúmtha. "Cuireadh air gan chúis agus níor fhág sé duine aca gan smiotadh as a chéile" – "mo ghradhain a ghéaga cailce!": géaga láidre, ionthaithneamhacha. Cruadhann sé píp chailce í do chur i sáile ar feadh tamaill: píp déanta de chailc. "A's a chailín chailce bhláth dá dtugas searc a's grádh, ná tabhair-se

gach tráth dom éaradh" (seanamhrán): a chailín ró-áluinn, muinéal, com, guailne cailce. Is ar an leabaidh úd do bhí na héadaighe cailce: breágh, mín le féachaint agus lé luighe ortha.

cailceach: *a.* go mianach na cailce, gealbhán. Tiocfair chun faille cailcighe go dtugtar faille na cré báine uirthe. Chuir an phíp nuadh rian cailceach ar fháitheannaibh a bhéil ó bheith dhá h-ól: rian bán, ceangalach.

cailchín: *f.4.* iomard nó máchail radhairce. Ní fheiceann an capall san go rómhaith, tá cailchín ar a shúilibh: saghas aicíde a bhaineas dá radharc. Cuirfeadsa cailchínidhe ar na súilibh agat, maran fada ghá lorg (ruda) thu: rud so-fhághálta, soifheicse, agus fós ní bhfaigheann an té bhíos ar a lorg é. Táim cortha, tnáidhte, tá cailchínidhe an chodlata ag teacht orm, raighead 'on leabaidh: spearbaill an chodlata nó neamhsoiléireacht radhairce.

cailcidhe: *a.* ar nós nó de mhianach na cailce. Clocha cailcidhe mar iad san ní maith iad chun tógtha: clocha nách mbíonn cruaidh. Fiacla cailcidhe atá ionat, táid ag imtheacht 'n-a mbriosc amach as do chorpán: chómh sochaithte lé cailc.

caile: *b.4.* bean nó cailín, baineannach. Is annamh in earraidheacht é go meastamhail ar bhainneannaigh. Níl beann madra agam-sa ort, a chaile, lean ded dhroichbhéal: báirseóir, bean neambéastamhail. Ní h-amhlaidh go raibh súil lé cóir bhídh nó fáilte nó focal caoin agat ó chaile an tighe sin? Bean neamhfhéitheamhanta, neamhmhórchroidheach, dochailleach. Caile an nigheacháin, na cisdean, na mbó, etc., an bhean gurb é a cúram na nidhthe sin. Bíonn de bhrigh leis an bhfocal gurb iontoghtha chun an ghnótha áirighthe sin í. "Rún caile go h-iomcháin" (seanfhocal): is ionann san agus an fhaid is ná cáintear í féin (a moladh is fearr léi) ní baoghal d'aonne a teanga.

cáileamhail: *a.* mós, cuibheasach, fiúghantach, árdchlúidh, fé mhór-ainm. "Dearc indiu air, budh cháileamhail an fear seal é, anois ní bhíonn sé i mbéal ná i mbrághaid aonne" – "sin mar bhíonn, imthigheann an cháil leis an gcuid": meas fada fairsing ar a ainm: nuair is bocht do ní luaidhtear luath ná mall é. "Connus bhraithir an aimsir seo, chuala ná rabhais ar fóghnamh?" – "ó, go cáileamhail": go maith agus an méid breóidhteachta etc. a rug ar an nduine. B'fhéidir gur dóigh leat-sa nách daoine fiala iad toisc gur eitigheadar thú, acht tá siad ann agus tá a mhalairt le rádh aca, mo thuairm go bhfuilid cáileamhail. Tá monchraidhe nuadha na hÉireann ag dul ar aghaidh go cáileamhail: gan chúis ghearánta ortha. Ná bí ródhian id ráidhtibh, labhair cáileamhail: go cuimseamhail, measardha. Dá fhliche bhí an bhliadhain do bhí barra cáileamhail cruithneachta ag na feirmeóiridhibh: ionmholta. B'é an Peáirnéalach an treóraidhe budh cháileamhla dá raibh in Éirinn, a ainm i mbéal gach aonne: is mó go raibh meas agus trácht air. Dá me thu ní bheadh aon bhaint agam leis, maidir le cúrsaidhibh airgid níl sé rócháileamhail 'n-a thaobh: níl teist mhacánta air. Ar bh'iongadh é do bheith cáileamhail, agus a ndeárna sé ar son na coitchiantachta? meas mór, ainm mhaith agus cion air. Riamh do bhí, agus tá, muinntir na hÉireann cáileamhail i dtaobh a bhfáilte a's a bhféile: a n-ainm fóirleathanadamhail ar fuaid an domhain. Sin scríobhnóireacht nách bhfuil thar barr, tá sí cáileamhail: cuibheasach maith. Níor cháileamhla liom neach dem aitheantas im chuideachtain 'ná thu: níl neach budh mhó agam 'ná thu. Cainnteóir cáileamhail a

ndóthain d'aon lucht éisteachta seadh é: tá sé i ndán labhartha leó mar d'oirfeadh dóibh. Mol é nó cáin é, teachta dála cáileamhail d'aon cheanntar seadh é: oireamhnach do. Níor éirigh leis ach go cáileamhail san Oileán Úr: ann as, cuibheasach maith.

caileóg: *b.2.* cuaille téadáin nó súgáin i gcóir tuigheadóireachta. Caileóga ruadha: cuaillidhe téadáin d'fhéar láidir, eachtrannach i gcóir ceann tuighe agus cócaidhe a's cruach féir a's arbhair.

cáilidheacht: *b.3.* comórtas; méid áirighthe; mianach; inntleacht; beith (feabhas áirighthe, sonnradhach); buaidh; féith; tabharthas; feart. Cad is fiú leathchoróin fíneála do chur ort, rud gan cháilidheacht seadh é: gan tábhacht. Cad í an cháilidheacht atá agat gur dóigh leat gur cheart dúinn spriocadh ort mar cheann ar na fearaibh? an bheith nó an buaidh nó an tabharthas seachas aonne eile: feabhas, eólas, clisteacht fé leith. D'ainmhidhe bheag mar é, gidh nách slán comórtas é leis an gcapall, is maith é an t-asal 'n-a cháilidheacht féin: dréir a bhunaidh agus a chinéil. Ní leigfead-sa orm gur bitheamhnach me, raighead ann i gcáilidheacht dochtúra chun amhrais do chur díom: i gcruth dochtúra. Lé dian-obair agus claoidheachtaint bhailigh sé cáilidheacht airgid: suim chuibheas mhaith airgid. Ní mór an mhuinghin do bheadh agam as Shéamas go dtaobhóchadh linn, agus i gcáilidheacht Sheáin bhein deimhnightheach de (Shéamas): i gcomórtas lé Seán (ní bheadh pioc muinghine agam as). Dar lé mórán go mbíonn cáilidheacht earra iasachta nách mbíonn ag baint le h-earra: dúthchais: feabhas nó buaidh éigin áirighthe. Is me, táim deimhnightheach, im cháilidheacht, an fear is láidre ar an bpobal: ar mo thoirt, aois etc. Dá bhfeicinn aon cháilidheacht sa leabhar san do mholfainn é: aon rud fiúghantach fé leith. Tháinig cáilidheacht chéille do tréis seal do chaitheamh i dtigh na ngealt: ádhbhar dob fhéidir do thabhairt fé ndeara feabhas.

cailín: *f.4.* bean óg, bean óg a bhíos in adhmanas dhuine eile. Cailín óg an tighe .i. cailín (gearrchaile fásta) ion-phósta an tighe. "Pósfad" – "cé hí an cailín óg?": an chéile. Chaith Peig Séars an áirighthe sin aimsire 'n-a cailín i dtigh sa Daingean: in adhmanas, ag déanamh gnótha tighe. Tigh leathlámhach seadh sinn anois, d'imthigh ár gcailín aimsire uainn: an bhean óg a bhíodh ag obair againn. "Mise an cailín duit-se", ars an bhean lé n-a fear nuair chuir sí iachall air fanacht sa bhaile a's gan a fhonn air: an té a bhí i ndán curtha air déanamh dréir a tola. "Nách í an cailín í", deirtear lé h-aon bhainneanaigh a ghníos aon rud as an gcoitchiantacht. "An gcualaidhís go ndeachaidh bean treasna na bóchna san aer in eiteallán 'n-a haonar go Mearaice?" – "dob í an cailín í": budh shármhaith í. "Nách diaill an fear é? an gcloiseann tú cad deir sé a dhéanfadh sé a's ná déanfadh sé?" – "cloisim, tá an cailín dearg go rí-mhaith aige": an teanga. "A Mháire, cad fáth gur fhágais do lucht adhmanais?" – "mar nár theastuigh uaim bheith im chailín luatha a's lachan aca": bean déanta an uile ghnótha. "Féach mar gheárr sé a mhéar go cnámh leis an sciain seo" – "nách í an droichchailín (an sciain) í?" Long mhór an chailín don bhfarraige a's ní bád: an t-árus is deimhnighthighe. Cailín maith treabhtha seadh an láir dubh: capall ar fheabhas. Bíonn breis a's mar tuigtear dréir dheallraimh ins an rud go dtagartar "cailín" do ar an gcuma so. Do thréig mo chailín me: an bhean go raibh cion agam uirthe nó go rabhas ag siuirghe léi. Cailín an tighearna: foghantaidhe an Tighearna. Dar fiadh, a chailín mhaith, níor mhór duit athchailín do bheith agat: bean (nó cailín) a dhéanfadh do chuid oibre dhuit. Níl aon chailín annso don bhfranncach ach an nimh: is í

an nimh an rud is fearr chun deireadh do chur leó (franncaigh). An teine an cailín san ngeimhreadh: an rud díreach chun an fhuachta do sheachaint. An chré ruadh an cailín chun barraidhe do thabhairt: an chré is fearr. An ghaoth an cailín chun na farraige do shuathadh: níl aon rud chómh cómhachtach léi chuige sin. An sluagh go léir ghá n-amharc go hiongtaiseach lé n-a n-óige, é féinig (féin) agus a chailín mhná: céile ná raibh aos mná sroichte aice.

caill: *b.3.* dochar, damáiste, cur siar. Is mór an chaill orm a bheith orm dul ar an dtraen chun oibre: cur siar. Ní h-aon chaill mhór dhuit dul chun na bpeictiúiridhe anois agus airís: dochar, cur as. Ó, a ghrádh dhil, nár mhór an chaill dhóibh fiche púnt do ghoid uatha: dochar, díobháil.

cailleach: *b.3.* bean riaghalta, seanbhean chaithte, chríon; drochphráta. Cailleach bhreac (saghas éisc ar nós an fhíogaigh). Ceann des na bprátaidhibh sin ní íosfad, níl ionta ach cailleacha. Beag an tairbhe dhuit bheith ag brath ar an gcailligh fhir sin chun aon nidh d'fhagháil uaidh: fear gruamhdha, gan féile. Cailleacha fear dob eadh iad gan iarracht do thabhairt ar me do shaoradh: fir gan anam, gan mhisneach. Fiacal Caillighe: ainm áite. Ní tearc an focal so i scéaltaibh fianaidheachta mar ainm aithis do mhnaoi mhíoghnaoidheamhail mhísciamhaigh, mar "cailleach na bhfiacal", "cailleach na gcos ndubh". D'éitigh sí me ar bhallóig aráin, an chailleach: an bhean sprionnlaithe. Ní phósfainn inghean na caillighe mara mbeadh bean eile in Éirinn ach í: an bhean gur bh'fhearrde duine gan baint do bheith aige léi. Mo chómhairle dhuit, fanacht ón gcailligh sin: bean insheachanta.

cailleachas: *f.1.* meathtacht. Mhuise is beag cailleachas a bhí ag baint leó agus tabhairt fé'n muir fhairsing i mbád béal oscailte: daoine misneamhla dob eadh iad.

cailleamhaint: *b.3.* dochar, faillighe, teip; bheith ag teip; bheith ag déanamh díombáidhe; bás; feódhadh, imtheacht. Lé cailleamhaint a n-athar tháinig oighreacht throm ortha: bás. Cailleamhaint an dochar mo sheanuaireadóir, bhíodh sé ag stad rómhinic: a dhul ar fán níorbh aon chur siar orm é. Cailleamhaint ort! ná tagann isteach ón ndroichshín sin (agus gan gádh lé bheith fúithe): bás go bhfaighir etc. Cailleamhaint orm! má thugas fé ndeara thu ar an sráid: an bás go bhfaighead. Cailleamhaint air mar sceal, sin í mo chasóg dearmhadta agam (agus gádh léi): mío-ádh go raibh air. Nách í an chailleamhaint ar na leanbhaidhibh bochta óga a n-athair d'fhágháil bháis: díobháil mhór. Caith dhíot na leighcididhe bróg san, táir dhá chailleamhaint aca: dhá chur chun báis. Is mór mar tá an fear san, d'fhear óg mar é, ag cailleamhaint: lom, caithte, mídhóchasach, ag dul chun deireadh, ag meath. Nuair bheadh aon rud ag dul id choinnibh, rothar nó gluaisteán ná gluaisfeadh, solas nó teine ná lasfadh, doradha ná h-iascóchadh, déarfá go mío-shásta, "cailleamhaint ort!" Ní chuirfead aon gheall ar aon chapall, fear cailleamhna seadh me: ní bhuadhaim choidhche. Lándeimhnightheach go mbeadh ór sa talamh ann, thosnuigheamair ar thaighdeadh, budh mhór an chailleamhaint orainn nár bhuaileamair faic: mí-mhisneach, díombáidh. Ní fheicim i ndán léighte anois acht le solas an lae, tá an radharc ag cailleamhaint orm: ag teip, ag tréigean. Bíonn na laetheanta ag cailleamhaint ó lá Lughnasa amach: ag dul i ngiorracht. Tá an ghrian ag cailleamhaint: ag teip nó ag dul fé. Raghaidh an talamh (tirim) i gcailleamhaint orainn ma thuiteann ceódh: gan radharc

air. Cuir tuilleadh guail ar an dteine sin, tá sí ag cailleamhaint: ag dul in éag. Bhíos chómh h-imeartha san im óige chun cártaidhe gurbh ionann liom cailleamhaint is buadhachtaint: chómh tugtha, doscartha san ná cuireadh fán airgid aon mhairg orm. Níl id chuid cainnte ach geallamhaint agus cailleamhaint: an rud a deirir nó thiocfaidh chun cinn de dheascaibh gan bheith i ndáiríribh. Drochchómhartha seadh sála do bhróg do bheith ag cailleamhaint: ag caitheamh. Chuaidh sé chun bochtanachta ó n-a chuid bheith ag cailleamhaint air: pé nidh a bhí 'n-a sheilbh bheith ag imtheacht trí bhás nó fhán. Annso dhom ó mhaidean gan rud lé n-itheadh, ní h-eadh go bhfuiltear ag cailleamhaint orm? ag déanamh faillighe ionam. Bhíomair chómh fada san ó thalamh go raibh sé ag cailleamhaint: ag ceileabhradh, ag imtheacht as radharc. Bíonn na cosa ag cailleamhaint ar an aois: an siubhal ag imtheacht asta. Sé tá ag cailleamhaint orm i gcóir an scrúduighthe nách bhfuil múinteoir maith agam: 'ghom chongbháil siar. Ubhla maithe iad, níl aon chailleamhaint ionta: máchail: táid folláin. Mara mbeadh cailleamhaint éigin do bheith ar ghléas stiúrtha an ghluaisteáin ní raigheadh sí 'on díg: locht, máchail, rud mícheart. Tá cailleamhaint na gcéadta i ndroichthé: chuirfeadh té gan mhaith na céadta chun bháis. Long go raibh cailleamhaint na gcéadta innte dob eadh í: long nách raibh intseólta, intseasamhach. Cailleamhaint iolmhadhaidh ort! (eascuinghe); "Cailleamhaint na bhfiann ort!": cailleamhaint iomlán. D'imthigh an mhíntír as mo radharc le cailleamhaint an lae: imtheacht an lae.

cailleamhnach: *a.* lochtach, mealltach, díombáidheach, sochaillte. Ní h-iontaoibh mórán muinghine bheith as dheallramh maith an fhir; tréis an tsaoghail, ní raibh aon tásdáil riamh air agus is minic do bhí deallramhtach cailleamhnach: teipeamhail, gur dóchaighde ná h-éireóchadh leis. Cearrbhach cailleamhnach seadh me, is annamh riamh do bhuadhas ar chártaidhibh: bíonn de chrann orm go dteipim. Síol cailleamhnach bláth do chuireas san leabaidh sin, ceann aca ní tháinig: síol lochtach soitheipe. An-chailleamhnach do rinnis orainn nách dtáinig agus ár súile anáirde againn gach re uair: rud mealltach orainn dob eadh é. Dá mhéid do chosnuigheadar orm bróga cailleamhnacha seadh iad, ní fada is saoghal dóibh: nílid chómh maith is thaidhbhsigheadar ná a's bhí súil leó. Gluaisteán cailleamhnach ar chuma éigin seadh é sin, bíonn sé ag síorstad: lochtach. Fás cailleamhnach seadh cruithneacht i ndúthaighibh fliucha: is minicighe theipeann sí 'ná thagann sí. Sin cárta cailleamhnach id láimh: cárta nách cóir an iomad dóchais do bheith as.

cailleamhnaidhe: *f.4.* duine a chailleas nó a bhíos siar (chun deireadh) lé h-aon ghnóth. Ná bíodh fearg ar bith ort, buadhadh go faoibín ort, is eagla liom gur drochchailleamhnaidhe thu: duine go luigheann dochar cluiche nó comórtais air. Tusa, a bhean bhocht, atá id bheathaidh, cailleamhnaidhe an phósta a's ní do chéile atá san uaigh: is ort is mó luigheann toradh an phósta. Cailleamhnaidhthe i dtigh an óil nó ar pháirc ráis muinntir Chaomhánaigh: ní ghearánfaidís pé dochar nó cur siar a bhíodh ortha.

caillichín: *b.4.* cailleach bheag, ainm droichmheasa ar chailín óg nó ar mhnaoi. Ní bhein ag éisteacht leat, a chaillichín, ag cúlchainnt ar do chómharsanaibh: a bhean mhímheastamhail. Caillichínidhe seadh na mná atá aca: mná beaga, suaracha.

caillim: *b.a. 7 n-a.* téidheann de dhochar orm, ní éirigheann liom, teipim; bíonn de throm orm, cuirim amugha, mealltar orm (meallaim ar), gheibhim bás, scriostar me. Cailleadh éacht airgid leis an dtigh sin, ní fuláir, agus a áilne a's tá sé: caitheadh. Chaill a mhuinntir a raibh 'n-a láimh a's 'n-a gcois d'iarraidh a shláinte d'aisrighe dho: chaitheadar airgead agus uile go rabairneach d'fhonn a shláinte do thabhairt ar ais. Chailleas an traen. Sé an oiread truaighe atá aige dos na bochtaibh ná caillfeadh sé cianóg leó: ná beadh sé an bonn is lugha chun deireadh leó. Nath ag mo shean-athair nuair theastuigheadh uaidh aon rud do dheimhniughadh, "nár chaillidh Dia orm": nár theipidh Dia orm so súd a's súd a's so, sé sin "nár chaillidh Dia orm ná beadh sé sásta dá gcuirinn an cnoc-so abhfus ar an gcnoc úd thall do". Sí an fhírinne ghlan etc. le h-iongadh: "tá Tadhg Sheáin tréis teacht abhaile ón Oileán Úr (gan choinne leis), an gcualaidhís é?" – "nár chaillidh Dia orm!" Dá gcailleadh sé a chiall focal ní thuigfeadh sé den dteangain a bhí ar siubhal aca: dá mhéid iarracht do thabharfadh sé dob é an dá mhar a chéile dhó é. Nách tú chaill é nár lean sinn? do bhí deoch a's biadh siar síos againn, agus tháinighís abhaile go tuirseach, ocrach, tartmhar: scaoilis thart cao áluinn. Labhair níos aoirde leis, do chaill a chluasa: tháinig bodhaire air. Is áit gur chaillis tu féin, t'ionad do thréigean sara raibh deimhin agat d'ionad eile: mar ar rinnis do dhíobháil féin. Dearc annso, caillfidh an téad san annsan díreach tá éasc innte: brisfidh sí ann san áit lochtach. Caillfidh an chos san ort fós, ní maith an chuma atá uirthe: teipfidh sí. Níl aonne ná gcailleann leis an aimsir dá láidre a's dá shláinteamhla é: go dtéidheann chun deireadh. Caillfidh an fuacht tú a's an chulaithirt atá ort: básóchaidh an fuacht tú, mar níl do chuid éadaigh i ndán tú do chosaint air. Caillfead m'anam leat mara leigir dom: raighead i dtreis mo bheatha do chaitheamh uaim gan call. Bíodh do sheasamh orm, faid mhairféad ní chaillfead ort, ní theipfead ort: an mhuinghin atá curtha agat ionam ní muinghin ar fán í. Ní ceal misnigh do chaillfidh ar an té thugas fé sheóladh tríd an aeir os cionn na bóchna: go mórán misnigh. Budh chaillte an leitir do scríobhais, gan fuinneamh gan smaointe: díombáidheach: gur theip uirthe sásamh do thabhairt. Dar linne annso in Éirinn, gur caillte an dúthaigh go mbíonn sneachtaidh innte ó cheann ceann na bliadhna: olc. Is caillte an duine me nár chuir mo gheall ar an gcapall a bhuaidh agus me tréis éachtainte d'fhagháil 'n-a thaobh. Duine caillte seadh é, féach an droch-chrot atá air: tá an bás i ndán do. Duine caillte ar gach slighe seadh thu, níl righe ná áird ort: níl brigh ná maitheas ionat ná goth chun aon nidh cóir do dhéanamh dhuit féin. Sé chaill ar an scoil gan múinteóir maith do bheith innte, ní h-ar na leanbhaidhibh a bhí aon locht: b'é an cur siar uirthe etc. Nuair chídhtear rian síne ar dhuine deirtear, "táir caillte": salach, fliuch, fuar, nó nuair bheadh ocras nó tart air. Deirtear leis, "tá sé caillte" le duine nó h-aon nidh go mbítear ag déanamh méala dhe agus gan puinn nó aon díobháil gurbh fhiú trácht air. B'éigean don bhfear saidhbhir míle púnt d'íoc i gcáin angcáis: "is caillte táimid": cad é sin againn é? Ní chuireann san aon mhairg orainne, is caillte táim, cad dhéanfair": mairg ar bith ní chuirfidh t'imtheachta orm. Deirtear so ag cur ruda as an lic do dhuine. Cad chaillis leis an gculaith bhreágh nuadh san? bhí sí an-dhaor, is dócha: cad chosain sí ort? Nuair thagann duine chun na tárthála agus gur minic roime sin do tháinig, deirtear: "níor chaill sé riamh é" freisin dá ndeineadh duine rud as an slighe agus gur mhinic san aige deirtear an rud céadna. "Rugadh ar Thomás ag goid" – "nár chaill sé riamh é": "do bhéasa nár chaillir!" "go leanaidh do dhroichbhéasa dhuit". Caillte nó ar fagháil dos na leabharthaibh, is cuma liom mar gheall ortha, dhéanfainn mo ghnóth dá n-éagmais: iad bheith ann nó gan a bheith. "Caill! caill!" deir duine go searbh nuair chloiseann sé gur cailleadh rud éigin, "sí

an tseanchailleamhaint í": an scéal céadna go minic. Chaill an bóthar annsan orm a's ní raibh aon chómhartha agam cá ngeóbhainn: shroicheas deireadh an bhealaigh: ní raibh an bóthar ag dul tharais sin.

caillte: *a.r.* imthighthe ar fán, millte, fachta bás, marbh, imthighthe gan a thuairsc, scriosta, an-olc, teipighthe ar bhreith ar. Beidh an traen caillte agat muna luathuighir: beidh sí imthighthe ón stad rómhat. Ciach áir air mar scéal, beart chaillte dhuit dob eadh gan iasacht do chasóige do thabhairt: gníomh sprionnlaithe. Budh chaillte an bheart ná rabhas cúig nóimintidhe ní budh luaithe gheóbhainn marcaidheacht agus ní bheadh orm deich míle do shiubhal: rud a chuireas míoshásamh orm. Bheidhfeá caillte ag an bhfuacht dá mbeitheá amuigh fé fheanaid na h-oidhche airéir: thiocfadh do bhás de. Féach an aoide atá ort, táir caillte, an braon go croiceann ort: millte, laitighthe. Nách caillte an mhaise dhuit a's a bhfuil de chumas agat agus a mhuinntearaighe atá sibh nár fhuasclais a chuid troscáin ós na báillidhibh: gníomh nách ionmholta tú dá chionn. "Connus éirigh leat?" – "nílim caillte leis an lá (an ngnóth etc.)": aon rud chun deireadh. Seólta caillte iad san ar do bhád, ní thairngeochaidís aon ghaoth: seólta olca. Iascaire caillte dhéanfadh feirmeóir: gan mhaith cheal eolais. Biadh caillte d'fhear cruadh-oibre seadh arán a's té: biadh gan scabhárd go leór don nduadh a bhíos ar an bhfear. Muinntear an cheanntair ghá ghearán gur caillte na bóithre atá aca: bóithre an-olca. Tá m'athair caillte lé bliadhain go leith: marbh, tréis bháis. Sin urchar caillte: urchar a théidheas amugha, nách mbuaileann an marc. Ná bí ag tabhairt bhuillidhe caillte (ag rámhaidheacht, ag troid etc.): buillidhe in aisce, nách dtéidheann i bhfeidhm. Táir caillte orm: do neart imthighthe (sin a bhfuil ionat). Riaghaltas caillte: gan maith.

caillteach: *a.* millteach, scriosach, dochrach. Dar liom-sa, gur me féin budh chailltighe leis an margadh: is mó a bhí thíos leis. Beart budh chailltighe 'ná í ní rinne fear riamh ar a chóimhchréatúir 'ná rinnis gan lámh chóganta do thabhairt dod chomharsain agus é id chumas: budh mheasa, budh neamhfhearamhla, budh mheathta. Céaca is cailltighe rud olc do rádh nó rud maith do shéanadh? is díomholta. An rud is cailltighe dár thárlaidh riamh dom (orm) gan bheith láithreach bháis m'athar: ní mó do bhraitheas. Cé h-é an fear budh chailltighe ná Rí Séamas: budh mheasa, budh mheathta agus is lugha do chóimhlíon a dhualgas. Rudaidhe caillteacha seadh silimidhe ar ghabáiste: díobhálach. Tháinig uain chaillteach fharraige ar an luing a rúid roimpe í mar rúidfeadh sí corc: tonn mór, díobhálach. Níl aon deoch is cailltighe ar an ngoile 'ná an iomad beathuisce: a dheineas breis screasa air.

caillteacht: *b.3.* dochar, olcas. Ní lé méid a chaillteachta as ar thárlaidh do as a chuid atá sé ag cnáimhseán, ach lé cníopaireacht: an méid atá sé siar nó chun deireadh de chionn imtheachta a ghnótha. D'aimhdheóin a chaillteachta trí n-a ndeárna sé ar son a dhúthaighe riamh níor ghearán sé: an méid d'imthigh uaidh de dhíth ar a chuid. Le caillteacht na tógbhála a bhí ar an muillean thuit sé i ngabhal a chéile: olcas do tógadh é. Ar chaillteacht thiománaidhe an ghluaisteáin do cuirtear milleán na cineamhna: lé n-a olcas nó ceal aire oireamhnaighe. Le caillteacht an oileáin sa gheimhreadh ní chómhnuigheann aonne ann: olcas (aimsire) nó cúis éigin eile. Ní h-ar chaillteacht na talmhan ar fad ach ar chaillteacht an tsíl nách dtáinig ach drochthoradh: ceal saidhbhris. Nách bhfeiceann tú caillteacht an lae gan dul amach: olcas agus conntabhairt. Ní h-é

caillteacht a gotha nách dtaithnigheann liom ach a pearsa: ná gabhann sí amhrán go maith. Chuir do chaillteacht déistin orm, is beag coinne a bhí agam ná raibh t'iarratas istigh agat ar bheart a bhí deimhnightheach duit: do theipeadh ar an rud go raibh súil agus muinghin as.

caillteóir: *f.3.* duine a bhíos thíos le h-aon imtheachta, chun deireadh, siar, i ndochar, a scaoileas an aimsir luachmhar 'n-a roilleach uaidh. Gidh gurbh é Graint, an ceann urraidh, an caillteóir budh mhó, rinne sé níos mó dochair don namhaid 'ná aonne ar a thaobh: an té a chaill breis na gcath. Caillteóir ar chártaidhibh seadh thú, éirigh asta nó scriosfair tu féin: buaidhtear gach cluiche ort. Caillteóir ceart i dtigh an tábhairne dob eadh Séamas na Maidine: fear a chaitheadh go rabairneach (nách dtagadh abhaile go maidean gheal). Beidh sí n-a caillteóir ort mara seachnair í: déanfaidh sí do dhíobháil. Cuireadh n-a leith gur thriúr chaillteóiridhe iad gan teacht 'on eadarnáil in aghaidh na ndubhchrónach: triúr a theip ar a ndualgas. Níl ionat ach caillteóir mar sclábhaidhe, dearc ar a luighead atá déanta agat: duine a bhíos ag scaoileadh na h-aimsire tharais gan suim.

caillthaisce: *f.4.* áit choimeádta do dearmhadar. "Ghabhas thríd an dtigh ó chúil frigh ar lorg mo sparán gan a fhagháil" – "i gcaillthaisce éigin do chuiris é": áit éigin áirighthe lé deimhnightheacht go bhfaghfá é agus a imthigh as do chuimhne. In iarthar Chiarraighe déintear tagairt d'airgead a cuirfí i mbannc a theipfeadh nó a iadhfadh: b'é an t-airgead i gcaillthaisce é.

cáilmhear: *a.* mór-ainmeach, mórchlúidh. Níl t'ainm rócháilmhear in iarthar Chiarraighe, tá sé leathta ort go bhfuilir tugtha do choraibh: níl ainm mhaith ort. Teach ósda cáilmhear seadh é, cuireann an chléir fútha ann: ainm mhaith air. Duine deaghchroidheadh a rinne na céadta beart cáilmhear ameasc na ndaoine: gníomhartha so-chraidheacha dos na daoinibh. Ná bíodh aon phioc dá aithreachas ort gur ghlacais mar pháirtidhe é, fear is cáilmhire ní bhfaghthá ar feadh do bheatha: fear go mbeadh ainm níos dírighe air. Daoine cáilmheara seadh iad riamh: gach aon rud dhá fheabhas i mbéal gach aonne 'n-a dtaobh.

cáilmhearacht: *b.3.* ádhbhar, roinnt, cuid nó iarracht ionmholta. Um an dtaca so bheadh cáilmhearacht airgid aige, mar bhí sé i gcumas é do dhéanamh dá mbeadh ciall aige: an oiread san agus ná beadh aon cheal air.

cáim: *b.2.* locht, cur siar, éasc, máchail. Chuir sé iongadh ar gach aonne, éisteadh leis go ciúin, creideadh é go fonnmhar, labhair sé gan cháim: go líomhtha, gonta, dúthrachtach. Táid (na bróga etc.) gan cháim: go greanta. Thug sé fiche bliadhain in adhmanas a chomhlachta gan cháim: gan locht d'fhagháil air. Bíonn feóil, ím, uibhe agus toradh gan cháim in Éirinn: gan máchail, ar fheabhas. Creid me leis, ní bhfaghaim aon cháim ort féin acht ar do chuid oibre: locht. Is deacair bruic leis, bíonn sé ag síor-fhagháil cáime ar gach aonnidh: míoshásta leis an uile rud do dhéanfá dho. Ní fuláir go raibh cáim éigin ar an gcrann iomchair a's gur bhris sé: éasc, cuid éigin de lochtach. Dá mbeiththeá chómh fial lé Guaire gheóbhadh sé cáim éigin ort, an duine doshásta. Táim chómh cáiréiseach san i dtaobh an leabhair seo gurb é mo mhian saoghalta gan aon cháim amháin do bheith air: locht nó easnamh, é do bheith iomlán, sásamhach. Ar fhéachaint go cruinn scrúduightheach ar aon rud agus go dtaithnigheann leis an súil deirtear, "tá sé gan

cháim!" shásóchadh sé aonne. Aon rud a bhíos críochnuighthe go slachtmhar, a thaithnigheas leis an súil, an gcluais nó an dteangain bíonn sé gan cháim. Duine gan cháim ní bhfaghann cáim ar aonne: an té a bhíos go maith ann féin is maith aige cách.

caimbéal: [**caimbeul**] *f.1.* go mbéal agus cor ann, nó míochúmtha, drannta, scaimh. Cad chuireann an caimbéal (caiméal) ort?: an bhreill, pus míoshásta. Nár imthighidh an caimbeul choidhche dhíot: an béal gan gáire, ná a chuma. Duine caimbéil ní maith an sás fáilte é: is ininnste ó n-a bhéal míothaithneamhach an míofháilte do bheith ann.

caimbéalach: [**caimbeulach**] *a.* go mbéal cam nó casta, mícheaptha, duine go mbíonn béal míochúmtha air (focal táire). Ní go mín ná go lághach do chainntigh sé me ach go caimbeulach: searbh, míbhéasach. Ná féach go róchruinn air, thógfadh sé ort é, tá an créatúir caimbeulach ó rugadh é: níl faitheanna a bhéil cúmtha mar budh cheart. Bí id thost, a chaimbeulaigh! a dhuine, nách dtaithnigheann a chuid cainnte liom.

cáimbric: *b.2.* éadach mín, tanaidhe cadáis nó línéadaigh. Déintí ar dtúis é i mbaile san bhFrainnc den ainm sin. Do chuirfinn ort cáimbric: ghléasfainn go maith thu.

caime: *b.4.* calaois, éagcóir, míomhacántacht; lúbtha, gan bheith díreach; as an slighe (cheart). Bhriseas aontigheas leis lé n-a chaime, bíodh brababhach aige dhá fhagháil orm: míomhacánta. Caime na gcléireach do bhris an siopa san: iad bheith míomhacánta 'n-a ngnóthaidhibh. Cad eile ach caime cheart cíos, trom cíos, do bhaint de bhochtaibh as tighthibh lathaighe mar iad san?: éagcóir. Ní caime go dtí thu ag imirt chártaidhe: bíonn calaois ag baint lé gach cor dá gcuirir díot. Bhain caime an bhóthair a radharc díom: cor sall agus anall. Tá diall éigin ar shúil liom, is eagla liom go bhfuil caime ag teacht innte: nách bhfeicfead i gceart léi. Ní leigfeadh an chaime dho an fhírinne d'innsint: an mianach gan mhacántacht atá geinte ann. Tairng airís, is ar chaime an líne sin: níl sí chómh díreach ar fad agus budh cheart í do bheith. D'iomcharadh sé cromscian go raibh caime béime céachda innte: cor mar sin.

cáimeach: *a.* tugtha dho lochtaibh d'fhagháil. Seachain thu féin air, is deacair cóstáil leis, fear cáimeach is neamhfhuraiste do shásamh: ag fagháil locht. Saoghal madra atá agam, gach n-aon cáimeach orm: 'ghom lochtughadh.

caimiléaraidhe: *f.4.* cleasaidhe, duine a ghnídheas a chúram go h-aindeis. Nár cuireadh an ball riamh ar an bhfear gcéadna, caimiléaraidhe gur chuma leis cóir nó ceart aige: fear fartha caoi ort. Caimiléaraidhe saoir a thóg an falla san, tá pluc air: drochshaor. Fág mo bhealach, a chaimiléaraidhe gan anam: duine míothapaidh.

caimiteán: *f.1.* duine gan eolas, duine ná tugtar áird air, duine aimideach, rústach, tuathalán. Caimiteán an té a scarfadh le h-uaireadóir airgid ar choróin: duine ait nách dtuigeann a luach. Cad é an gnóth bheadh ag caimiteán gan léigheann mar mise dul ag argóint duine cliste? duine gan eólas. Tuata dealbh n-a chaimiteán ar thaobh sráide: gan meas ná áird ag aonne air. Maidir léd bheith id Ghaedhilgeóir, níl ionat ach caimiteán a bhuachaill: is beag t'eolas. Caimiteán thuatha sinne gur furaist do lucht baile mhóir an bob do bhualadh orainn: daoine saonta. "Caimiteán óinsighe dob eadh me", arsa mo

bhean, agus mo chasóg chlúimh do thabhairt ar iasacht, ní fheaca ó shoin í: bean amadántamhail, fhial.

cáin: *b.5.* (*cánach*) íoc nó sraith do chuireann riaghaltas ar allmhuiridhibh nó ar onnmhuiridhibh mar dhiachair nó ar aon earra chun sochair dá chionn; aithbhir, agairt. Ní bheadh an deoch ná an tobac chómh damanta daor agus táid mara mbeadh an cháin throm atá buailte ortha: an méid do dhligheann an riaghaltas dóibh féin asta. Is beag earra thar lear nách bhfuil cáin uirthe anois: breis farra an luach atá ortha sa dúthaigh 'n-a ndéintear iad. Talamh saor ó chíos agus ó cháin: talamh in aisce. Raghaidh t'anam go h-ifreann mar cháin ar do pheacaidhibh muna ndeinir cúiteamh ionta: mar dhiachair, mar dhíolaidheacht. Damnughadh sé cáin shíoraidhe an pheaca mharbhthaigh. Díolaim céad púnt cánach teacht isteach sa bhliadhain as mo thuarasdal: tobhach airgid. Toisc ná díolfadh an captaen cáin lochta na luinge congaibheadh i gcaladh í: mál nó sraith dréir riaghalach an chaladh-phuirt.

cáin: *b.2.* díomholadh, tromaidheacht. A lithéid de cháin agus thug sé ar do leabhar san bpáipéar, gan focal maith amháin ó n-a pheann ort: díomholadh gan tuilleamh. Is fada beó dhom ach cáin chaille ar dhuine mhacanta mar thu níor airigheas ón lá do baisteadh me: aoide bhéil, tromaidheacht agus cúlchainnt neamhnáireach. Dá mbeadh cáin ar bith agat orm, is tusa budh phrás fé: slighe mo dhíomholta is mear do scaoilfeá fé. Gidh gur sprionnlaithe an meas atá ag daoinibh air, ní bhfuaireas-sa aon cháin riamh air: locht nó cúis lochta.

cáineadh: *f.* (*-te*) lochtughadh, aoide bhéil, tromaidheacht, suainseán. Dá mbeadh beith ar bith air ní bheadh an saoghal mór ghá cháineadh: maitheas in ao'chor ní bheidhfí ghá dhíomholadh. Ní cáineadh ort t'aois, beam go léir aosta lá éigin, ní locht ná cur-siar ort í. Dá mbeadh duine ag díomholadh go dúmasach aonnidh go mbeadh fonn air é do shealbhughadh trí cheannach nó a lithéid deirtear so: dhuit féin atáir ghá cháineadh. Bean cháinte an righe: an bhean a cheapadh filidheacht ag ionnsaighe ruda áirighthe ar son an righe. Dá mbeidhfí ghá cháineadh faid bheadh braon sa mhuir, fear maith atá ann: cáineadh gan teóra. Aonne a gheóbhadh a chuid ní bheadh cúis cháinte aige: cúis ghearáin. "Is í an lámh a síntear do cháintear": an té is féile is é is mó go bhfaightear locht air, an té is mó a thug riamh dá chuid fuairtheas duine lochtach, milleánach air. "An té a mholfadh cháinfeadh": cómhairle sheachanta. Sin éadach atá lé cáineadh: gur féidir locht d'fhagháil air. Tír ó cháineadh seadh Éire: gur an-dheacair locht d'fhagháil uirthe. Lucht cáinte dob eadh furmhór na bhfilidhe a's bhíodh eagla rómpa: lochtach, searbh, aoramhail. Bhítí ag cáineadh na n-Éireannach go lathaigh: anmhímheastamhail. Sé cáineadh na máthar ar leanbh é: cáineadh dúmais.

cáinim: *b.a.* díomholaim, tugaim aoide bhéil ar, lochtuighim. Ná cáin choidhche me, níl an cárta deireannach imeartha fós agam: ná bí mísruthagach liom. "Ní cháinfinn thu", deirtear lé duine go mbíonn beart ionmholta déanta aige. Níor cáineadh riamh é an cuan san: ní bhfuairtheas de locht air go raibh sé conntabharthach. "Ná mol agus ná cáin tú féin": bí cáidheach, neamhthóirtéiseach. "Níl ceal slighe bheatha ná airgid air, ach cá bhfuil a cháirde?" – "tá sé cáinte in aonfheacht agat." "Suidh agus caith do sháith" – "nár

cáintear choidhche thu": ghod shíormholadh go rabhthas. Tigh cáinte seadh é lé maireachtaint ann: tá sé tugtha de bhreith air é do bheith mío-oireamhnach.

cainnt: *b.2.* úrlabhra, cómhradh, ráidhte, canamhain. Ní tháinig a chainnt do go raibh sé seacht mblaidhna d'aois: cómhacht labhartha. "Gheall sé so súd a's súd a's so dhom" – "is breágh bog do thagann cainnt air": bog fé n-a gheallamhaintidhibh gan chóimhlíonadh. "Cainnt is fearr atá aige", deirtear lé duine gur leat ar an slighe labhrann sé go gcuirfeadh sé an cnoc úd thall ar an gcnoc so abhfus. "Thángamair i gceann a chéile annso indiu chun a chur in iúil muna bhfaghaimíd ar gceart go ndéanfam buaidhreamh sa dúthaigh!" – "sin í an chainnt!" Ná bí ag caitheamh cainnte leis mar scéal: aon nidh breise a déarfá níor bh'aon mhaitheas é. Caitheamh cainnte seadh bheith ag fógairt ar leanbhaidhibh áirighthe, táid chómh h-aimhleasta san: ag labhairt ar son a leasa leo. Tréis cuid mhaith ghearáin fuaireas cead cainnte: cead labhartha. Ná bítear ag cainnt ach is iongtach an dúthaigh Éire a's a bhfuil de cháin díolta riamh aice: éirightear as, ní gádh a thuilleadh do rádh air. Cainnt san aer seadh a rádh go bhfuil obair shonaoideach agam ag cur an leabhair seo lé chéile: rádh gan deallramh, gan chiall. Ritheann cainnt chúiche ar nós an uisce: ní bhíonn aon cheal focal uirthe. Éistidh leis an mbalbhán, tá a chainnt ag teacht do: an duine ciúin, tá a theanga ag gluaiseacht. Tiocfaidh a cuid cainnte dhi nuair raghaidh sí i dtaithighe an tighe. Duine mór cainnte é, ná tabhair do rún do: béal-scaoilteach, neamhchluthmhair. Dréir cainnte beidh toghadh coitcheann ann sara fada: dréir mar tá le clos ameasc na ndaoine. Dréir a chainnte bhraitheas air ná raibh sé buidheach díot: na rudaidhe a bhí ghá rádh aige. Casadh fear orm i mí mhairbh na h-oidhche a chuir cainnt orm: a labhair liom. Chuireamair cainnt ar a chéile a luaithe a's theangbhálamair: chromamair ar chómhrádh ar an gcéad chasadh. Ní ceart cainnt do chur ar sheanóir: gan an t-ómós ceart do thabhairt do. Ar feadh na mbliadhan ní thángadar chun cainnte: ní rinneadar síothcháin. Dubhairt sé nách bhfágfadh sé meidhil beo lé chéile dhíot! - "cainnt dob í! ar mh'anam": maoidheamh mór. "Caithimís uainn cainnt a's luadhaimís cleamhnas": ná bíodh a thuilleadh argóna ná míréidhtigh eadrainn a's bíodh scéal tharais againn. Is cuma liom cad é an locht atá air, tá an chainnt aige ach go h-áirighthe: muinnteardha, fiafruightheach. Má cuirtear chun cainnte me ní fios cá stadfaidh mo theanga: má téidhtear ródhian orm ghom spriogadh (a's gan san uaim) déarfad rudaidhe nách dtaithneóchaidh lém lucht éisteachta. Cuideachta bhreágh seadh é nuair baintear cainnt as: nuair bogtar cúiche é. Cainnt ghéar go maith do chloisfeam anocht ón Uachtarán ar stáid ár gconbharsáide le Sasana: óráid go mbeidh fuaimeant innte. Cainnt bhunoscionnach: rud do rádh ná beadh oireamhnach don ócáid nó ná beadh ró-bhanamhail ameasc cuideachtan, nó i láthair an aosa óig. Rud a cloistear nó a thárluigheas ná bíonn súil leis nó a ghnídheas deifir ar chuma éigin, deirtear: "sin í an chainnt, a's cuir amach mo bhean chugham". Cainnt ar fad dob eadh an chomplacht a chuirimís go feis Shasana: faic eile ní dheinidís. Níl aon cheal cainnte air: labhrann sé tráth budh chóir do bheith n-a thost. "Dá mbeadh sé it ionad", ar seisean, "dhéanfadh oiread in aon ló a's ná déanfá ar feadh seachtmhaine" – "níl aon ceal cainnte air". Nách air a bhí an chainnt ag gearán ar go h-aonne a's go h-aonnidh, cá bhfuil a chúis: iomad lé rádh aige. Imthigh, tóg an méid seo agus ná bíodh aon chainnt: cnáimhseán ná míoshásamh. Má táimíd chun aistrighthe leis an aimsir bhreágh nách mithid dúinn cainnt do dhéanamh air: trácht, cur trí chéile. Cathain chaillis do chainnt? cén fáth an tost? Cainnt a bhíodh ameasc na seandaoine agus me im naoidheanán go bhfeictí an Bhreasaoíl

thuaidh ar Inis Tuaisceart: scéal, ráidhteachas. Sa chainnt dúinn d'éirigh eadrainn: an feadh bhíomair ag cómhrádh lé chéile. Ag baint chainnte as, a's ní ag spochaireacht air do bhíos: d'iarraidh cuideachtan do bheith agam air gan bheith ag cur feirge air. Ní bhfuaireas an chainnt féin uaidh, bhí sé chómh doichilleach san: tor ní thabharfadh sé orm, gan a leigeant air go rabhas 'n-a fhiadhnaise. Ní raibh de chainnt sa chathair ach a shaoire a's atá toradh na talmhan: sin é an cómhrádh coitcheann. Ní feacthas riamh é ach cainnt dheas aige (searbhas): cainnt neambanamhail. Go dtachtaidh an chainnt é, an rud béal-scaoilteach: duine a bhíos ag síor-thrácht ar ghnóthaidhibh nách mbaineann leis.

cainnteach: *a.* tugtha do chainnt, miochair, coidreamhamhail, glórach, droch-aigeanta i ráidhtibh. Dár choidrigheas níor bhuail aonne liom budh chainntighe 'ná é, bog, socair, fiafruightheach: miochair, deaghchroidheach n-a ráidhtibh béil. Ruaigeadh as an mbuidhin é, bhí sé ró-chainnteach: béal ró-mhór a's nách gcoimeádfadh driscéid ná rún. B'é Seán budh chainntighe den gclainn: is mó a ndéanfadh cómhrádh lé duine. Daoine cainnteacha seadh Éireannaigh: so-choidrimh. Sluagh mór cainnteach dob eadh bainis an tobair: glórach. Beag iongadh gur chuir sé aithne ar mórchuid daoine cainnteach: duine gurb fhuraiste síos suas do dhéanamh leis agus slighe mheónamhail fé.

cainnteamhail: *a.* go n-iomad lé rádh, gan chluthaireacht teangan. Oiread agus "seadh" nó "ní h-eadh" ní leigfeadh sé dhuit do rádh, tá sé chómh cainnteamhail sin: a theanga ar síor-shiubhal. Ar eagla gur dhóigh le máthair do chéile nách dtaithnigheann sí leat bí cainnteamhail léi: bí lághach, muinnteardha léi.

cainnteóir: *f.3.* órádaidhe, fear labhartha (olc nó maith) poiblidhe, teanga labhartha buidhne. B'fhearr de scríobhnóir ná de chainnteóir Art Ó Gríobhtha: os chómhair sluaigh ní raibh sé chómh maith agus bhí sé ar an bpeann. Cainnteóir a bhainfeadh an deóir ód shúil dob eadh é nuair bheadh sé ag labhairt ar éagcórthaibh na mbocht: duine go dtagadh focail chómh snasta líomhtha gonta san uaidh, a chorróchadh thu. Níl cainnteóir sa Dáil is líomhtha 'ná is buaine 'ná é: níl aon órádaidhe is fearr 'ná is sia leanfadh ar an adhbhar i dtreis 'ná é. Beag mhaitheas dúinn dul ag déanamh ár ngearáin, níl aon chainnteóir orainn: níl neach 'n-ár measc gur féidir leis ár gcúrsa do chur go soiléir, iomlán os chómhair an lucht ceannais. Cainnteóir ó dhúthchas seadh é, fáth go bhfuil an blas ceart aige: teanga a dhúthaighe a chéad theanga. Nuair dheineann duine speal (stair) chainnte a's rith seama fé, déarfadh lucht a éisteachta – "sin é an cainnteóir agat". Cainnteóir béarla: lucht labhartha béarla. Ná cuireadh a chuideachta aon díombáidh ort, ní h-aon chainnteóir é: is beag do labhrann sé. Ar an ndiospóireacht i dtaobh an cháin cheannaigh do bhí Tomás agus Séamas na cainnteóiridhe: na daoine a chriathruigh an cúrsa.

cainntighim: labhraim lé nó ar, cuirim cainnt ar. B'ait liom gur chainntigh sé me a's gan aon aithne fén spéir aige orm: chuir sé aighneas orm. Chainntigheas é id thaobh 'ghod mholadh dho: labhras leis ar do shon. Ná cainntigh lé neach beó ar an ngníomh atá le déanamh againn nó is baoghal dúinn: ná h-oscail do bhéal lé neach 'n-a thaobh. D'éirigh an dligheadóir agus do chainntigh sé me ar an bhfiadhnaise do thugas uaim: chuir sé ceisteanna orm. Cainntigheann an bacach gach aonne: labhrann sé ag lorg déirce.

cáinseóir: *f.3.* duine a dhíomholas a chómharsa nó cách, báirseóir. Beag-shuim do chuirim i gcáinseóiridhibh díomasacha, ghom lochtughadh: ceann ní thógaim do dhaoinibh a cháineas me lé drochaigne. Ní mór an tábhacht a léirmheas ort mar nách bhfuil ann ach cáinseóir: duine gurb é a bhreághthacht bheith ag fagháil lochta ort.

cáinseóireacht: *b.3.* d'fhagháil locht, díomholadh, giobaireacht gan chúis cheasachta ná ghearáin. D'éirigheas as m'ionad, do bhí cáinseóireacht m'uachtaráin ghom chlipeadh: an lochtughadh gan chúis ghom chéasadh (chrádh). Connus bheadh righe ná rath ortha a's iad ag cáinseóireacht ar a chéile gan lag gan stad? ag gabháil dá cheile, ag tabhairt aoide bhéil dá chéile. Ní taithneamhach bheith ag cáinseóireacht ar dhuine nách bhfuil láithreach: ag tromaidheacht, ag itheadh na feóla fuaire air.

cáinte: *a.r.* milleánuighthe, inmhilleánuighthe. Cuan cáinte seadh Cuan Árd na Caithne: cuan go bhfuil breith dhaor tugtha air maidir lé n-a sábháltacht. Cé is cáinte eadraibh as chailleamhaint an chomórtais? cé h-é gur córa an milleán do chur air.

cáinteach: *a.* béal-aoideach, lochtamhail. Dhéanfá do ghnóth chómh maith lé duine a's gan bheith chómh cáinteach ar na daoinibh fút: ag fagháil lochta. Ní mhairfeá gan bheith cáinteach ar do chómharsain: gan bheith sásta ach ag tromaidheacht ortha. Cé hé atá cáinteach ar chruithneacht na hÉireann ach daoine do-shásta ag síor-dhíomhladh lé breághthacht díomholta! Is furaiste réidhteach lé duine mar é, níl sé cáinteach: a chúis féin do bheith aige ní chuirfeadh sé in iúil sin.

cáinteacht: *b.3.* aoide bhéil, aoradh. Cé fhuilngeóchadh leis an gcáinteacht ó scur leigeant, gan aon rud i gcóir agam, dar leis? lochtughadh is giobaireacht is ciapadh. Ní bhruicfinn lé n-a cháinteacht dá mb'é thu, gan maitheas, brigh ná preab ionat aige: droichmheas.

cáinteóir: *f.3.* duine a bhíos tugtha don díomholadh nó mímheas. Meas madra ní bheadh agam ar mholadh na beirte sin ar an dtigh, cáinteóiridhe gan tuigsint: lochtóchaidís aon nidh, is cuma dhuit cad déarfaidh cáinteóiridhe leat, creid mise gur fear fial atá i dtreis leat: daoine gur b'é a meón bheith ag dímheasadh. Dá mbein chómh fial le Guaire bheidhfeá id cháinteóir ar mo phóca: ghom chómharthughadh mar sprionnlóir.

cáinteóireacht: *b.3.* díomholadh, suainseán, tromaidheacht. Sin é do dhein cáinteóireacht na ndaoine lém thigh, ní bhfuaireas leath a luacha air: na daoine bheith ghá thromaidheacht, ag cur bréag air. Cloisim ná stadair acht ag cáinteóireacht ar an nGaedhilg, nách bhfuil aon mhaith innte, nách féidir smaointe doimhne do nochtadh aiste: ag fagháil locht gan bun, d'iarraidh ceann fé do chur ag na daoinibh uirthe.

caipín: *f.4.* clúdach cinn, barr géar (cnuic etc.), brat. Tháinig caipín (ceóidh) ar an dTiaracht, ní maith an cómhartha é: brat cruinn ceóidh mar bheadh caipín ar cheann daonna. Sin caipín triomuigh ar an bhFiolar: clúdach cheóidh a thuaruigheas aimsir thirim. Caipinidhe ar mhullach na gcnoc: clúdacha. Níor aithnigheas mar thairng sí caipín a clóca aniar ar a h-aghaidh: an chuid de bheadh ar a ceann: an cochall nó an cába. Ghéaruigh an fharraige go dtáinig caipínidhe uirthe: uanacha ag éirghe agus barr chun

briste ag teacht ortha. Bhris caipín nó dhó trom go maith isteach ’on bhád: uain nó tonn go raibh barr árd air. Níor stadadar d’ascnamh go rabhadar i gcaipín an chnuic: amuigh ar bharr an chnuic. Cá shuidhfeadh sé ach i gcaipín an bháid (na nadhbhóige): i bhfíorthosach. Socruigh do chaipín ort féin! bí aireach, bí ciallmhar, seachain tú féin. Nuair bhímís ’n-ár ngarsúnaibh beaga ag aodhaireacht bhó do dhéineadh sean-Sheán Reaibin caipinidhe cogaidh dúinn: caipínidhe árda déanta de gheitridhibh a thugadh chun barra caoil. Cailín an chaipín dheirg: an cailín go bhfuil an scéal uirthe gur ith an machtíre í. Scéal an chaipín deirg: d’innstí an scéal san dúinn a’s sinn óg. Chuirimís caipín idir an dá ghort: port cruinn árd ar chúine chun áirnéise do chosc. Chuir an t-eiteallán na caipínidhe di: sheól sí os chionn mhullach na gcnoc.

caipíneach: *a.* ceann-árd, géar. Cnoc caipíneach seadh Cnoc Bhréanain: barr géar air. Ní raibh an fharraige ró-olc ar fad gidh go raibh sí caipíneach a dóthain do bhád ladálta: tonnaidheacha ag faire ar bhriseadh. Nách é an coileach caipíneach é? cír mhór ghéar ar a cheann.

cáir: *b.5.* éagcosc, cealltar, scaimh, cor (casadh) béil, grainnc, cumaidhe, draid, breill. Mhuise, nár fhágtar agam thu mar mhadra, mar an ort atá an cháir roim an mbiadh: cuma nách dtaithnigheann sé leat. Ná cuir cáir ort chun na leanbh san nó cuirfir eagla ortha: cumaidhe aite ar t’aghaidh. Dar liom go bhfuil cáir éigin ort chugham-sa: míoshástacht éigin dréir t’aghtha. Cad chuige an cháir mhagaidh seo? an chuma mhagaidh ar an aghaidh. Bíonn cáir mhaigeamhail air nuair bhíonn sé istigh leis féin: nuair bhíonn sé sásta ’n-a aigne. Bíonn deallramh (éagcosc) beag-is-cuma-liom ar a aghaidh. Bíonn cáir chun airgid ar dhuine sprionnlaithe: scaimh, dúil a thabharfá fé ndeara ’n-a ghné ar chúrsaidhibh airgid.

cáir: *b.2.* scaimh béil, cumaidhe: snaidhm ar béal. Cuir díot an cháir, taithnigheadh an biadh leat nó ná taithnigheadh: an chuma dhéistine chuirir ar do bhéal a’s ar t’aghaidh: cor nó snaidhm lé lán, lé droichmheas nó lé nós. Tháinig cáir gháiridhe dá n-aindeóin ar a raibh ag éisteacht leis le n-a ghreanmhaireacht: cuma gháiridhe. Cáir ghránda ó saoghaluigheadh a dhein ciotaighe phósta dhi: déanamh neamhdheas ar a béal trí mháchail éigin. Ná bí ag cur cáire ort féin chughamsa mar ná fuil toradh madra agam ar do chumaidhibh: ag cur deallraimh neamhnádúrdha ort lé dímheas nó fonn mo tharcuisnighthe. Bhíodh cáir dhearg air gach aon lá sa mbliadhain leis an ólachán: aghaidh lasta. Bíonn Tomás i gcómhnaidhe ag gabháil díot, ní fulair nó tá cáir éigin ort: fonn éigin ciaptha air chughat.

cairb: *b.2.* carraig chruaidh dhaingean, cír dhaingean láidir fhiacal. Is maith an chairb do chognóchadh féithleacha na seanbhó so: fiacla láidre, bríoghmhara. Baineadh trí fhiacla as a chairb leis an mbuille: as an gcír aige. Bhainfeadh an cnámh so glór as chairb mhadra: fiacla láidre. Budh mhaith fholláin an chairb bhíodh ag na seandaoinibh chidhfeá na cloiginn san roilig a’s gan fiacal asta. Bhuail an long ar an gcairb a’s deineadh ciolaracha dhi: ar an gcarraig chruaidh, a’s briseadh n-a blodhtacha í. Chuir féd chairb an biadh so: ith é.

cairbreach: *a.* daingean, cruaidh. Faill árd, chairbreach gan aon tor aice ar an bhfarraige: an-chruaidh, daingean ar a chéile. Bíonn béal cairbreach ag eascúin fharraige a stolfadh an fheóil go cnámh: béal go bhfiaclaibh géara, daingne. Budh ródheacair siubhal treasna an chnuic chairbrigh: cnoc carraigeach, achrannach.

cairbreach: *a.* cianmhar. Dubhradar liom go raibh na Blascaodaidhe na mílte cairbreacha siar ó Bhaile Bhúirne: mórchuid de mhíltibh.

cairbreán: *f.1.* sleagán tanaidhe; duine lom. Ar thugas fé ndeara an cairbreán cailín (mná, fir etc.) a fhriotháil orainn? sí budh chaoile dár luigh mo shúil riamh ar: scruitín: duine árd an-lom, gan ann ach na cnámha.

cáirde: *b.4.* aitreamh suaimhnis, moill, creideamhaint, eaga. Ná bítear dian orm, tugtar cáirde díolta dhom go ceann mí agus geallaim go mbeidh m'fhiacha agam: eaga, fadughadh aimsire. D'éag sé airéir, bhí an cáirde caithte (istigh): a ré. Dá dtugadh Dia cáirde dhom chuirfinn crích ar an obair seo: dá dtugadh Dia faid mo dhóthain saoghail dom. Is olc an béas d'aonne a chuid gnótha do chur ar cáirde: an gnóth do chur ar gcúl nó ar an méir fhada, ar athlá. Do thuar sé an bás go maith, tugadh cáirde fada dho: do ráinig go raibh sé i bhfad ag foghluim an bháis. "Cáirde ó Dhia chughainn", ars an bhean bhocht a fuair leitir agus airgead innte gan choinne i gcóir na Nodlag: eaga ar ár mbochtanacht. "Caith amach do chárta nó éirigh asta" – "ná bí chomh fotharagach san, tabhair cáirde dhom": leig dom ar feadh tamaill go gcinnead ar cad tá lé déanamh agam. Dá fhaid é an cáirde, tagann an lá: is cuma cá fada ritheann lé duine tagann (a bhás) lá an tsocruighthe sa deireadh. An bhfuilir ag brath ar go bhfillfidh an t-ádh ort? is eagal liom go dtabharfaidh do gheall cáirde dhuit: an rud go bhfuil muinghin agat as a thárlachtant ní thiocfaidh chun cinn choidhche. "An ndíolfaidh sé na fiacha úd leat?" – "tabharfaidh mo gheall cáirde dhom, mo thuairm": dar liom, go dteipfidh an rud orm go raibh súil lé n-a theacht agam. Is mó an cáirde 'ná an tógaint sa tigh sin: scaoiltear amach breis earraidhe (gan airgead síos) ar shúil íoctha asta 'ná mar díoltar ar airgead láithreach. Tugadh culaith éadaigh ar cáirde dhom: ar shúil go ndíolfí aiste. Ná bíodh aon bhrón ort i dtaobh ar chaithis ded shaoghal go mío-ádhmharach, tagann gach maith le cáirde: ach foidhne do bheith ag duine buadhann sé lá éigin. Gheobhadh sé aon rud budh mhaith leis ar cáirde uaim lé hiontaoibh as: níor ghádh dhó díol asta ar an láthair. Ní bhfaigheann neach cáirde on mbás: ní éaluigheann aonne uaidh. "Ní iarraim cáirde a's ní thugaim cáirde", ars an gaiscidheach leis an ngaiscidheach eile: ní theastuigheann géilleadh uaim ná ní thabharfadh géilleadh uaim. Rud ar cáirde ag eisean rud in aisce: ní bhíonn fonn ar íoc as aon rud.

cáirdeach: *a.* muinnteardha, fabharach, báidheamhail, daoine muinnteardha do bheith ag duine. Bíonn bitheamhnaigh cáirdeach lé chéile: muinnteardha, fabharach dá chéile, géilleamhail. Má's fonn leat bheith cáirdeach, beidh deireadh easaontais eadrainn: lághach, deighmheineach. Dá cháirdighe bhíonn lucht aon tighe is minic thuitid amach lé chéile: dá mhéid cion a bhíos aca ar a chéile etc. Labhras go cáirdeach ar t'ainm 'n-a gcuideachtain: ar do thaobh, it fhabhar. Dá chómhartha gur bhfear cáirdeach é, nuair bhí an trom air ní duine ná beirt do tháinig chun a chóganta: fear go raibh daoine go leór go raibh meas agus cion aca air. Siopadóir cáirdeach seadh agus a rian air, is fada fairsing

iad a rochtairidhe: siopadóir a thugas earraidhe uaidh ar iontaoibh go ndíoltar asta uair éigin. Bí cáirdeach liom tabhair caoi dhom, bíodh foidhne agat liom agus ní chlisfead ort.

cáirdeachas: *f.1.* muinnteardhas, báidheamhlacht, cion, lághacht. Budh dheacair teacht idir me féin agus Máire tamall, is eadrainn do bhí an cáirdeachas dlúth: is sinn bhí ceanamhail síothchánta lé chéile. Dob é an feall choidhche é, cáirdeachas do dhéanamh le ropaire a scrios na daoine: rud mícheart dob eadh meas ná cion do thabhairt do. Mara mbeadh an cáirdeachas do bheith ann, an dóigh leat go dtaobhóchadh sé leat id chás: báidheamhlacht, leagadh deaghaigne. Cáirdeachas mar é ní bhfaghfá mar gheóbhfá sa Ghaedhealtacht: lághacht (cainnt, deaghchroidheacht). Níor thréig an cairdeachas riamh air le naoidhe an ghádhtair: d'fhoillseochadh sé ar shlighe éigin go mbraithfeadh sé don duine go mbeadh an ceann trom ag luighe air.

cáirdeamhail: *a.* muinnteardha, cneasda. Ar éigean d'fhéadas an tigh cáirdeamhail d'fhágaint in ao'chor, cuireadh an oiread san córach orm ann: tigh go raibh gach duine ar a dhícheall chun me do shásamh. Is maith an ceart do do bheith cáirdeamhail liom, is iomdha tairbhe do rinneas do: bheith deaghaigeanta, buidheach díom. Duine sprionnlaithe ná deárna beart cáirdeamhail ar neach riamh: gníomh a dhéanfadh maith ann nó go mbraithfeadh duine deaghchroidheacht ann.

cáirdeamhlacht: *b.3.* muinnteardhas, motháilt deighmhéine. Trím cháirdeamhlacht leó fuaireadar an áit ar lagmhargadh: mar gheall ar a mhuinnteardhacht a's bhíos leó, is beag cáirdeamhlacht do bhuail umam i dtíorthaibh lasmuigh: ní mór na daoine a bhuail liom go raibh chómhcharadas ná síos suas báidheamhail eadrainn. Níor mheasas go raibh oiread cáirdeamhlachta 'n-a chroidhe a's go mbeannóchadh sé ar an sráid duit: fonn coidrimh, deighmhéin, buige croidhe.

cáirdeas: *f.1.* ₇ *3.* muinnteardhas, cóimhcheangal: an té a sheasas lé leanbh i láthair a bhaiste i láthair an tighearna mar urradh ar a theagasc creidimh: deaghchara. Ar a son féin do dhaingnigh Sasana agus an Fhrainnc cáirdeas lé chéile tréis an chogaidh mhóir: muinnteardhas tairbheach don dá thaobh. Deinimís cáirdeas go dtaobhuighimíd le chéile lá an chruadhtain: cuirimís cuing mhuinnteardhais orainn féin etc. An mbeidhfeá mar cháirdeas Críosd gem mhac? an raghfá chun baistighe leis? an dtabhar i láthair an tobair bhaistighe geallamhaint uait go mbeidhfeá freagrach i dteagasc creidimh mo mhic, má budh ghádh é? Na trucailidhe fáilte rómhat, a cháirdis: a sheanchara an chroidhe istigh. Cá h-iongadh me bheith báidheamhail leis? – cáirdeas mar é: duine go bhfuil cion mo chroidhe agam air le fada.

cáirdeasaidheacht: *b.3.* do dhéanamh coidrimh nó muinnteardhais lé, muinnteardhas do bheith ann. B'fhada ag cáirdeasaidheacht muinntir an dá thighe: bhíodar i ndlúthchoidreamh agus i ndeighmhéine le chéile. I gcómhnaidhe ag cáirdeasaidheacht staigínidhe an bhaile mhóir: d'iarraidh bheith mór, síos suas lé laguaislibh an bhaile mhóir. D'iarraidh cáirdeasaidheacht an riaghaltais táirigheann sé é féin: ag tabhairt iarrachta tairbheachta ar bheith mór aca. Cuireann cairdeasaidheacht míomhacánta déistinn orm: an fonn caradais gan dírigheacht, caradas a leasa féin.

caire: *b.4.* brisce, soibhristeacht. Lé caire an aráin tá sé ag tuiteam as a chéile uaidh féin: soibhristeacht: ceal dlúthais.

cairéal: *f.1.* áit 'n-a mbaintear clocha tógtha, grean nó gainnimh ann. Talamh ar nós an chairéil seadh é: cruaidh, gan chré thoramhail ann. Cairéal gainimhe, cairéal cloch reatha: cairéal go mbaintear mionchlocha i gcóir bóthar.

cairéalaidhe: *f.4.* duine a bhíos ag obair i gcoiréal. Chaith sé a shaoghal 'n-a chairéalaidhe i Mearaice.

cáiréis: *b.2.* cúramacht, gastacht, cruinneacht; líomhthacht, baois, tóirtéis. Piaras Firtéar ag caoineadh an Dúna "an dún is dubhach liom mar tá sé/ a dhóirse dubha dúnta lé buidhiughadh gréin/ annsúd do bhíodh flúirse agus cairéis/ lucht súgraidh na gcúig gcúige chun dínéir" bítí go cúramach i dtaobh fheabhasa an bhídh a's na dighe agus i dtaobh na ndaoine a bhíodh ar cuireadh ann agus iad san i dtaobh a ngléasta. Chuirfeadh an bhean san cáiréis ar aonne í do bheith mar chéile aige: mórdháil aiste. Breis den bhflúirse agus an luighead den gcáiréis dob fhearr liom ar bórd bídh: gan bheith ag brath ar dheallramh le deiseacht an ruda bheadh lé n-itheadh. Nách cáiréiseach atá ar a chasóig mhóir ná tabharfadh sé a h-iasacht uaidh: cúramach ceanamhail gan ghádh. Dochtúir seadh é bhíonn cáiréiseach ar an té a bhíos fé n-a chúram agus a bhíos cáiréiseach as a ghnóth: aireach 'n-a dtaobh agus mórdhálach as a leigheas. Budh mhór an cháiréis do caitheadh ar thógáil an chaisleáin seo, tabhair fé ndeara na dóirse a's na fuinneóga greanta: an chúramacht ealadhanta go mbeadh cuma áluinn shlachtmhar ortha. Chuir a bhróga nuadha cáiréis an domhain ar an leanbh: bród, áthas. An cháiréis ar fad ghá ghléasadh féin go mbeadh sé amharcach i súilibh an phobail: cúramacht, gastacht a's aire áidhbhéiseach. Nách uirthe bhí an cháiréis lá a pósta: tóstalacht, mórdhálacht: ceann-árd ceann-éadtrom. Is ar aonach na gcapall in Áth Cliath do chidhfeá an cháiréis: daoine gléasta go h-uasal, glan, gasta, agus gach nidh ar theasbánadh ar fheabhas. Chuir sí an oiread san cáiréise 'n-a h-inghin ná teastuigheann uaithe go bpósfadh sí aonne: iomad mórdhála. Bíodh cáiréis agat ag scríobh an scéil, seachain aon tuisle: bíodh aire agus fonn críochnamhlachta ort.

cáiréiseach: *a.* galánta, líomhtha, baoth, beacht; aireach, gasta, críochnamhail. Ní h-é go h-aonne go labhrann an Rí leis, bíonn sé cáiréiseach: bíonn sé cúramach ar a chómhluadar toisc a ionaid. Cléireach cáiréiseach riamh dob eadh é dréir na ndaoine nár thug faillighe 'n-a ghnóth: ar a dhícheall go mbeadh an uile rud mar budh cheart 'si dtreó. "Mhillfeadh cuid dár rochtairidhibh thu", ars an freastalaidhe, "i dtaobh a gcuid chaithte, ní shásuigheann so ná súd iad, bíd chómh cháiréiseach san": deacair a meón do shásamh. Dá cháiréisighe bhí a mháthair uirthe, fuair sí bás uirthe: d'aimhdheóin an cheana a bhí aice uirthe agus na h-aire do thug sí di etc. Ní shásóchadh aon earra sa tsiopa a súil cháiréiseach: súil bheacht ag lorg locht. Cuir éadach éigin cáiréiseach ort ag dul ameasc na ndaoine seachas na giobail sin: éadach galánta so-amhairc. Duine cáiréiseach é sin ná luighfeadh 'n-ár gcuibhreann-ne: duine nách é gach aonne do choidreóchadh sé, do cheapadh ná beidís maith a dhóthain do, nár chóimhleacaidhthe iad. Bítí cáiréiseach i dtaobh bollóg na Nodlag im óige: cuirtí suim mhór i ndéanamh sin adhbhar na mbollóg

go mbeidís slachtmhar lé n-amharc, a's sobhlasta. Cainnt cháiréiseach do a rádh go mbuaidhfeadh sé ar aonne a raghadh i gconspóid leis: cainnt árdghlórach, mhaoidhteach.

cairiún: [**cairriún**] *f.1.* capall coillte, fireann, bean mhór mhascalach (ainm táire), staga capaill nó duine gan teacht aniar, dúr doghluaiste. Cairiún seadh é nách bhfaghfá focal cainnte uaidh: duine dúr, doigheaneamhail. Léan uirthe mar chairiún, ní fheicfeadh sí a croidhe dá mbeadh sé ar a bais aite. Cairiún mór mná: bean mhór, láidir, acfuinneach (ní fhágfadh san go mbeadh sí neamhshlachtmhar. Is socra cairiún ná láir ag treabhadh).

cairréaraidhe: *f.4.* duine a iomcharas i gcairt nó i gcóir eile earraidhe ó áit go h-áit. Níl aon chairréaraidhthe anois idir an Daingean is Tráighlí mar do bhíodh - ar an dtraen agus i ngluaisteánaibh a h-iomchartar na h-earraidhe: an seanlucht cartach.

cairréaraidheacht: *b.3.* gairm nó slighe bheatha an chairréaraidhe. Ar chairréaraidheacht do mhaireadh Pádraig Ó Meára a bhí sa Daingean: ag iomchar earraidhe ó bhaile go baile le capall a's cairt. Is beag a bhíonn ag an iascaire as an iasc nuair baintear airgead na cairréarachta as: an costas iomchair.

cairrfhiadh: *f.1.* an fiadh fireann. Níl fiadh ná cairrfhiadh san áit seo, 'sis fada riamh go raibh: nílid buineann ná fireann ann.

cairt: *b.2.* páipéar, léarscáil ar an bhfarraige ar a mbíonn cómharthuighthe oileáin, fochaisidhe, oirir, etc. lé h-aghaidh mairnéalach do stiúradh, páipéar (pár, meamram), go mbíonn teideal ceart agus príbhléididhe dhá bhronnadh ar dhuine, páipéar go mbeadh peictiúridhe air nó tairngeóireacht ar nidh áirighthe. Sid iad a gcuid talmhaintidhe cairte agus córa: talmhaintidhe a bhí aca ó n-a sínsearaibh agus a dligheadh dóibh. "Anois", ar seisean go fíochmhar ag deimhniughadh an ghuna orm, "is geairrid é do chairt ar an saoghal": ní fada mhairfir. D'éag sé go h-óg, budh gheairrid é a chairt saoghail: a ré, a sheal, a thréimhse. Múineann sé ainmeacha rudaidhe dos na leanbhaidhibh ó chairt atá sa scoil go bhfuil peictiúiridhe rudaidhe, uirthe. Theasbáin an dochtúir dhom ar chairt a bhí aige an bealach do ghluaiseann an fhuil i gcorp an duine: páipéar nó mianach éigin eile go raibh cruth an duine dréachtuighthe air. Go ndallfí é ní fhéadfadh an captaen do dhéanamh amach ar an gcairt cá raibh sé ag an gceódh: an léarscáil eolais do bhí aige ar a chúrsa.

cairt: *b.2.* gléas iomchair a ghluaiseas ar rothannaibh. Níl cóiste ná cairt aige: níl aon tsaghas gléis ar roth aige (róbhocht). Gluaisteán indiu, cairt ambáireach: éirghe anáirde scaladach. Cairt éisc, cloch, ghainimhe, mhóna, etc. lán cairte de etc.

cairteóir: *f.3.* duine a bhíos ag obair lé cairt nó lé cuingear. Cairteóir aireach a thiocfadh tríd an mbóthar achrannach san: fear cairte. Is cosamhail go raghaidh cairteóiridhe Átha Cliath ar stailc bháidhe an tseachtmhain seo chughainn: lucht iomchair earraidhe: duine a ghiolluigheas capall a's cairt.

cáis: *b.2.* gruth an bhainne agus é palcuighthe cruaidh ar a chéile. Ní thabharfainn cáis air: ní fiú mórán agam é (i gcomórtas le hím). Arán a's cáis: slisneóga tanaidhe aráin agus

stiall éadtrom cáise eadartha. San bhfóghmhar bíonn rith mhadra an dá cháise ar an bhfeirmeóir: bíonn sé chómh gnóthach, fotharagach leis an madra a bhíos d'iarraidh dhá chnapán cáise n-a bhéal aige. Chonnac scian cháise ag m'úncail: scian go ndéineadh an chos adhmaid innte clúdach don lannsa nuair ná bíodh sí in áis. Bhí aithne agam ar fhear go dtugtí "Cáis" mar leasainm air, toisc gur ith sé cáis do caitheadh isteach leis an muir agus ná h-íosfadh aonne eile í.

cáisc: *b.3.* an fhéile Chríosdaidhe i gcuimhniughadh aiséirghthe Chríosd, a feartar an domhnach is giorra do Aoine an Chéasta. An Mhioncháisc, an domhnach roimh Domhnach Cásca. Um Cháisc: tímcheall na Cásca. "Aoine an Chéasta is mór an céasadh bainne d'ól, Domhnach Cásca, is mór an náire bheith gan feóil" – seanghiota.

caischiabh: *b.3.* folt cas, fada, trillseach. Is annamh chídhfeá caischiabh ar chailínidhibh anois, ó's nós aca a bhfolt do bhearradh. Maisigheann a caischiabh í: breághthuigheann a folt fáinneach a gné 'sa pearsa.

caischiabhach: *a.* fáinneach, lúbach, casta. Bean chaischiabhach, dhubh, láidir a tháinig 'on doras: go raibh a cuid gruaige crathach, tiugh, casta. Daoine caischiabhacha seadh na daoine gorma: bíonn a bhfolt cas, fiar, lúbach.

caise: *b.4.* fonn nó dúil rómhór: aiste shuaidhte na h-aigne, grádh, sármheas, cion mór. Mo chaise thu, a Niamh, is duit do thugas mo chroidhe a's m'anam: mo ghrádh go mór thu. Cén fáth nách mbeadh caise agam do chlainn mo dhreathár? cion do bheith agam dóibh. Suidh annso, a chaise: a chumann. Gidh gur thréig sí é a's gur chiap é níor thrághaidh a chaise riamh di: grádh díoghraiseach.

caise: *b.4.* sruth, sruthán, tuile. Tháinig fuil 'n-a caisidhibh mar ar sádhadh é: ar nós srotha. Nuair buaileadh é tháinig caise srón leis: fuil 'n-a shrón. Cuirfidh san caise tóna ort: tinneas cuirp, scaoilteacht. Shosas ar uair an mheádhon oidhche i mbun tuinne ag éisteacht lé fuaim na caise uaignighe ar an dtráigh: glór na dtonn ag briseadh ar an dtráigh. Uair sa mbliadhain bíonn an abha 'n-a caise nuair leigheann an leac oidhir ar na talmhaintidhibh uachtara: lán go port d'uisce. Cuireann a h-amharc an fhuil 'n-a caise ionam: ag rith go mear teasaidhe. Stiallann caisidhe farraige do dhruim an oileáin le linn stoirme: tagann farraige fhíochmhar 'n-a slaodaibh lastuas de. Caisidhe fola lém shróin ag an bhfuacht diallta a bhí san ndúthaigh: fuil shrón throm. Lé cathughadh a pheacaidhe do ghluais caisidhe deor leis: do ghoil sé go faoidheach le h-aithreachas.

caise: *b.4.* castacht (fuilt), fiaracht, filleadh, roc, casna. Caise bhéil an chuasa do chaill an nadhbhóg: an fharraige bheith ag teacht ón dá thaobh (ón dtalamh) uirthe. Cuireann an aois caisidhe i gcneas an duine: ruic. Lé caise a fuilt chaitheadh sí an mhaidean ghá chíoradh: an folt bheith casta, aimhréidh. D'éaluigh an chaise air a bhí istigh aige dhom: an drochaigne do phléasc sí.

caiseach: *a.* casta, fillte. Nuair chonnac an Turcach, an fear budh shine sa domhan in Áth Cliath, ní fheaca riamh croiceann budh chaisighe ar aon nidh beó agus bhí air: budh mhó go raibh ruic a's riastaidhe ann mar é. Rinne sí íochtar gleóidhte, caiseach di féin: gúna

go raibh filltidhe ann. Bíonn farraige chaiseach i ngach bealach go mbíonn taoide thríd: garbh, casta, suaidhte.

caiseal: *f.1.* falla cloch gan mairtéal, falla uaighe, an tógáil neamhchúramach cloiche cuirtear lé cruaich mhóna ón sín, dún daingean cloiche. Thuit caiseal na h-uaighe a's briseadh an chómhra: an falla cloiche a bhí léi. Dá dtuiteadh cloch as chaiseal is ar do cheann-sa é: pé duine go mbeadh an mío-ádh i ndán do is tusa san. I gcaiseal nár síntear tu! adhlacadh an Chríosdaidhe nár fhaghair. Dá gcuirtí caiseal lastuaigh leis an gcruacht theornapaidhe sin chosnóchadh sé ar an ndilinn iad: falla cloiche a dhíonfadh ar an mbáistigh iad. Níl caisleán ná caiseal agam: aon tsaghas fasca nó tighe: ag imtheacht lé fánaidheacht. Ní chorrófá me ach oiread agus chorrófá caiseal: chómh daingean talmhaidhe agus bheadh falla láidir cloiche.

caisealta: *a-r.* falluighthe, cosanta, fóirighthe. Níor bhréag a rádh go rabhthas caisealta go maith san Aleasáir a's a fhaid do sheasadar an t-ionnsaighe a deineadh ortha: daingean. Is maith caisealta bhíonn coinínidhe 'n-a gcnuigéar: dóruaghtha, cosanta ón namhaid. Gáirdín caisealta a choimeádfadh garsúin gan ubhalla d'fhuadach as: go ndeaghfhallaidhe. Níor lobhaidh oiread a's teornap sa chruaich, bhí sí caisealta thar barr: cosanta le clochaibh nó eile 'on aimsir a's ón sín.

caisealtacht: *b.3.* cosantacht, tógála nó foirgnimh chun áite, baile, tír, cuan, nó a lithéid do chongbháil ó fhoghail namhad. Os cionn talmhan agus fé thalamh tá caisealtacht déanta ag an bhFrainnc ar a cliathán thoir ar fad 'n-a luighe leis an nGearmáin: dúnta cosanta. Caisealtacht an bhaile do sheasaimh do: na tógála daingne a deineadh lé haghaidh namhad.

cáiseamh: *f.1.* gearántacht, do mhotháilt amuigh, caoineadh, ceisneamh. Tréis bháis do dhuine, dá fheabhas ar an saoghal so é, is beag an cáiseamh do chuireann sé air aonne, dá chruthughadh dhuit gurb ait é toisc an tsaoghail: brón ná cuimhneamh. I rith na proinne bhítheas 'ghod cháiseamh gan tú bheith ann: mhothuigh na daoine a bhí i láthair as tú. "Dhearbhuigh sé go mbrisfeadh gach cnámh id chorp ag iomarascáil leat" – "mo cháiseamh é!" is beag imshníomh do chuireann a bhagairt orm-sa. Bíonn do mháthair 'ghod cháiseamh i gcómhnaidhe, tá sí chómh ceanamhail sin ort: ag déanamh imshnímh dhíot, a h-aigne do shíor ort, ar fhaitchíos ná beadh ag éirghe leat. "Ní shaiseóchadh an saoghal lucht oibre an lae indiu", ars an t-adhmanastóir neamhscropalach, "ag síorcháiseamh a dtuarasdail": ag fagháil lochta ar a luighead. Ní dhéanfadh feóil é, ní dhéanfadh iasc é, ag cáiseamh ar an mbiadh an uile lá dá shaoghal: ag gearán air lé cúis éigin follus nó samhluighthe. Dá mhéid de mhaoin an tsaoghail aige ní chuireann san ó cháiseamh é: ó bheith ag trácht ar a bhochtanacht. Go deimhin féin is beag cúis cáisimh atá ag aonne go bhfuil a shaoghal 'sa shláinte aige: cúis mhíosástachta. Ní scarfaidh an cáiseamh choidhche leat, cad é shásóchadh thu? doshástachta gan bun. Dubhairt ná cuirfeadh sé a cháiseamh choidhche dhe gan bheith in Éirinn Seachtmhain na Cásca: brón, cathughadh gan bheith i láithreach. Ní ceal ach cáiseamh atá ort: níl aon cheart agat bheith ag gearán. Cé h-iad na daoine go raibh cáiseamh ortha nuair d'imthigh na saighdiúiridhe dearga ach na Seóinínidhe? aithreachas, nár thaithnigh leó. Dubhairt an Pápa gur chuir iomchogadh na Spáinne cáiseamh ar a chroidhe: buaidhreamh. Nuair

bhíodh aon nidh ón seanmhnaoi thagadh sí ag cáiseamh lém mháthair: ag cur a gearáin fe n-a brághaid lé súil a fóirthinte. Is breágh í t'aigne, a dhuine gan cháiseamh: a dhuine nách gcorruigheann faic thu.

cáiseamhail: *a.* cáiseamh do bheith ag nó ann. Bíonn oifigeach na dtáillidhe, deir se, as a mheabhair ag daoinibh cáiseamhla ag lorg so súd gach lá den seachtmhain: daoine gearánacha. Cá maith dhuit bheith cáiseamhail i dtaobh do chailleamhna, ní chothuigheann an marbh an beó: beag tairbhe bheith ag déanamh bróin. Scéal cáiseamhail do bhí aige dos na póilínidhibh go bhfuair sé a bhean múchta ge geas ar theacht abhaile dho: scéal brónach. Ca h-iongadh na boicht bheith cáiseamhail in aimsir ghannchúisigh: bheith gearánach in aimsir gan flúirse. Ceaca budh cháiseamhla leat cailleamhaint súl nó cailleamhaint cluaise? is mó do ghoillfeadh ort. Dá mbeadh sé gan bheith chómh cáiseamhail orm ní thréigfinn a adhmanas choidhche: lochtach.

caiseamhail: *a.* tuilteamhail. Aibhnte caiseamhla seadh iad sa gheimhreadh, mar is mór an fhearthain do thuiteann san gceanntar cnocach so: lán go bruach le h-uisce. Tuiteann báisteach chaiseamhail sa cheanntar so go scuabann barraidhe don dtalamh íseal: tuilteamhail, slaodach: scéidheann puirt na h-abhann.

caisreabhán: *f.1.* plannda (luibh) go mbláth bhuidhe. Chídhinn mná eadálach ghá bhailiughadh san Oileán Úr chun fíona do dhéanamh de. Thugadh na seandaoine é mar leigheas i gcóir na h-eitinne. Tugtar do mhucaibh é chun a reamharuighthe. Fásann sé go flúirseach ar thalamh báin.

cáisighim: *b.a.* $_7$ *n-a.* brónuighim, cathuighim, gearánaim, caoinim, brathaim amuigh, mothuighim uaim. Cháisigh sé a dhealbhas chómh mór san leis an dtighearna talmhan gur mhaith seisean an cíos do: ghearán sé an drochaiste a bhí air i mbréithribh corruightheacha, brónacha. Cáisigheadh na boicht ar chruinniughadh de Choisde na Fóirtheana, gur bh'oth leó a gcás: chuir stáid na mbocht cathughadh ortha. Ní bhfuaireas acht an chaolchuid ar an bhfleadh, ní raibh aonne ann do cháisigh me: a chuir oiread suime ionam a's gur bhraith sé go rabhas i ngádhtar aon ruda. "Cáisigh do pheacaidhe, a pheacaigh, faid fhágann Dia an cáirde agat": déin buaidhreamh croidhe agus aithrighe ionta. An peann breágh do chailleas an tseachtmhain seo caithte cáisighim go mór é: brathaim uaim agus goileann sé orm bheith gan é. Cad tá dá bharr agat tréis an cháisighthe ar fad: tréis a ndeárnais de bhuaidhreamh aigne a's de chasaoid. Ná cáisigh choidhche déirc dos na bochtaibh, is áil le Dia é: ná bí 'n-a aithreachas. Ní galánta fear a bhronnas a's a cháisigheas é: go mbíonn ag déanamh cainnte dá fhéile. Ní cáisightear mise sa tigh seo: ní chuirim buaidhreamh aigne ar neach: ní fiú leó suim do chur ionam. Scéal ioncháisighthe dob eadh dóghadh triúir na teine in Áth Cliath: teangbháil a mhúsclóchadh truagh i gcroidhe aonne.

caisirnín: *f.4.* ruaircín, casadh dealbha. Droichbhanóirseach seadh an sníomhadóir a fhágas caisirnínidhe 'n-a chuid snáth: cnapáin bheaga chasta. Ní fhéadfadh doradha caisirnínidhe iascach mar budh chóir: doradhna nuadh: nách mbíonn an casadh bainte as. Maoluigh ar do láimh, nó cuirfir caisirnínidhe sa tsúgán: iomad casta dealbha agus crapfaidh sé.

caisirníneach: *a.* casta, craptha, gan bheith sínte 'n-a cheart, ruaircíneach, rocach. Chuaidh na h-éadtromáin go léir fé loch nuair éirigh an taoide mar téada caisirníneacha do bhí ortha: téada nár tairngeadh chun na roc do bhaint asta. Bíonn an t-éadach nách mbíonn an mianach ceart ann caisirníneach ón bhfliuchra: craptha, gan bheith teann 'n-a cheart.

caisle: *b.4.* sruthán i mbéal tuinne, srúill. Abha Chaisle: ainm áite in aice lé Caisleán Ghréaghaire i gCiarraighe mar a dtagann an fharraige anios tamaill ar an sruth: béal na h-átha.

caisleach: *b.2.* áth, áit gur féidir dul treasna de chois. Níl caisleach lé fagháil ar an abhainn indiu, tá sí 'n-a lántuile: níl áit le dul treasna go deimhnightheach.

caisleán: *f.1.* tógáil (foirgneamh) mhór, fhairsing, daingean cosanta, dún, daingean; scamall mór, trom i gclódh caisleáin: raingléis charraigeach mhór ar thaobh cnuic. Ní tigh atá aca ach caisleán: tigh an-mhór ar fad. Bhíodh caisleáin cruach de mhóin annso le linn m'óige: cruacha móra, fada, árda. Nách é an caisleán agat é go mbeidhfeá ag lorg chúig céad púnt air! teach mórtach, taithigeach. Ní lucht caisleán sinn ach daoine réadhchúiseacha: daoine go n-éirghe anáirde. D'aithnigheas tráthnóna indé go raibh báisteach ar na caisleánaibh bána a bhí laistiar: scamaill mhóra, throma, bheannacha. Tugtar na Caisleáin ar raingléis achrannaigh carragaigh atá ar chliathán Shléibhe an Fhiolair, as a gcosamhlacht le foirgneamhaibh móra. Bíodh na báid n-a gcaisleánaibh aca lé h-iasc oidhcheannta ciúine: chruachaidís an t-iasc chómh h-árd san. Nuair dhruideamair isteach leis an luing thaidhbhsigh sí ar nós an chaisleáin dom, os mo chionn anáirde: toirteamhail.

caisleánach: *a.* caisleáin do bheith ann nó ag; duine go mbeadh caisleán aige. Treibh chaisleánach dob eadh na Gearaltaigh: caisleáin ar a gcuid talmhaintidhe fada, fairsinge. San tseanaimsir tír chaisleánach dob eadh an Spáinn: bhíodar go tiugh ar a fuaid. Gearaltach an caisleánach a bhí annso. Mórdhach an caisleánach a chuireadh as: an té a shealbhuigh é a's gur leis é. Tugtar "An Caisleán" ar bhaile go mbíonn ceann ann agus "caisleánaigh" ar mhuinntir an bhaile sin.

caisleóir: *f.3.* fear tógtha caisleán. Ní saor ar fad an fear san ach caisleóir: fear tógála thar barr.

caislighthe: *a.r.* rocach, craptha. Is móide is sochaislighthe éadach nách mbíonn an mianach ceart ann ag an bhfearthainn: is fuaraiste leis crapadh. Ar thugais fé ndeara a aghaidhín chaislighthe ag an aois: lán de rocaibh a's de riastaidhibh.

caislín: *f.4.* éan beag a thathaigheas na tuir i gcomhnaidhe, ní mór farra tuirt an dreóilín ann. An caislín aitinn: an ceann aca a ghnáthuigheas aiteann as talamh garbh. Caislín an tóin bháin: an ceann a bhíos lé fagháil ameasc tor chladhthach na ngort. Éist, a chaislín, a's ná bí 'ghom bhodhradh: ná bíodh glug gleag gan stad agat: ceólán duine go mbíonn an chainnt chéadna ar siubhal do shíor aige.

caislín: *f.4.* sruthán beag. Chuir an obair chruaidh caislínidhe alluis liom: allus ag gluaiseacht as gach píochán im chorp. Níl ins na h-aibhntibh do chídhfeá ann ach caislínidhe: an-bheag.

caisliúighreach: *b.2.* glamghail ghuil, ag béicigh ’sag gol i dteannta a chéile. Deirtear ná stadainn de chaisliúighrigh nuair bhíos im bhunóic: ag síorghol ’sag béicigh. Tagann uabhar air agus cromann sé ar chaisliúighrigh: is furaiste é do bhaint chun guil, ní fada an deóir ón ndearc aige. Muna leigir dom cuirfead ag caisliúighrigh thu: ag gol go hárd. Ní raibh ionat riamh ach ruidín caisliúighrighe: duine beag nár dheacair do chur ag casaoid ’sag gol. Bhíodh na scoláiridhe furmhór a saoghail ag caisliúighrigh aige: ag gol ó bheith ghá mbualadh.

caismirt: *b.2.* achrann, troid, glór a’s dul trí chéile: áiteamh, argóint: deallramh leithéiseach ar scéal, bladhaireacht do bheith ar chainnt nó eachtra. Do dhúisigh an chaismirt as mo chodladh me a’s cad beadh ann ach cat a’s franncach i muineál a chéile ó thaobh taobh an tseómra: geóin a’s torann. Creid go mbíonn caismirt ag an taoide aithbhe i mbealach an Oileáin: sruthlam fuinneamhail, casta. Nuair roinneadar an tslaid eatartha do ráinig beagán croiceach go raibh gach aonne aca d’iarraidh a shealbhuighthe do féin agus d’éirigh caismirt eatartha: achrann a’s argóint. Ní fheadar go beacht cad é an t-aos atá aige, ach taidhbhsigheann i gcaismirt na mbliadhan: de chuma air go bhfuil cuid mhór dá shaoghal caithte aige. As gach caismirt dá chruaidhe agus dá bhaoghalaighe tháinig sé saor: cath, troid. Chuaidh de chaismirt na crónach duibhe í féin d’fhuascailt as líon na maircréal dá laige é: an iarracht fhíochmhar do thug sí ar é do stolladh a’s imtheacht as. D’aindeóin na caismirte do chur sé ar bhás a mhná gur dhuine iasachta a phreab amach ó thaobh an bhealaigh a’s gur lámhach sé í, níor ghéill na bleachtairidhe dho, agus rinneadh bráighe dhe. Caismirt fhada, dhian seadh í ár dteanga d’aithbheódhachtaint agus a bhfuil de chonstaicidhibh atá lé claoidhe againn – manaois ár ndaoine a’s freasabhra ár namhad. Cluiche caismirte dob eadh a bhí idir Chiarraigh is Cill Dara: imirt dhian, thapaidh, mhear, gan lag, gan maolughadh. Is iomdha caismirt do rug orm, ar muir a’s ar tír i rith mo shaoghail: cruadhtan baoghalach: coimheascar beatha. Féach caismirt na mbanbh ag dul fén gcráin: d’iarraidh a chéile do chur ós na sinídhibh. B’fhearr liom an suaimhneas lém chómharsain ’ná an chaismirt: maireachtaint go grádhmhar ’n-a measc. Caismirt an éin ag teacht as an ubh: an tuargaint a ghnidheas an gearrcach ag teacht ar an saoghal. Caismirt gan deallramh, dar leis an iománaidhe ar an gclaidhe, seadh atá ar siubhal sa Spáinn (1936): troid a’s achrann a’s díomas nár ghádh idir dhaoinibh aontíre. “Ná déin aon chaismirt” ars an bleachtaire leis an mbráighe, “nó scaoilfead an ghaoth ’san ghrian tríot”: ná corruigh cos ná lámh leat chun éaluighthe. An bheart a bhí anáirde fén riaghaltas budh mhór an chaismirt a bhí ag na cóimhéilightheóiridhibh ag baint an uachtair dá chéile: gleódh, cainnt a’s lorg léidhe. Á! is ar na bainistidhibh fé’n nGaedhealtacht do bhíodh an chaismirt: suathadh, rinnce, amhránaidheacht, itheadh a’s ól a’s foththroid. “Cé h-iad lucht na caismirte seo?” ars an máighistir ar theacht isteach ’on tseómra dho? an dream a bhí ag déanamh geóna. Aithnighim ar a súilibh go raibh caismirt idir é féin agus í féin: nách rabhadar mór lé chéile.

caismirteach: *a.* glórach, trodach, suaidhteach, cainnteach, achrannach. Dá chaismirtighe an ghnáthóg so na sladaidhthe ní chuireann sí aon fhaitchíos orm ruathar do thabhairt uirthe: gidh gur anchúinseach trodach, conntabharthach an dream atá innte níl eagal orm í d'ionnsaighe. Dá mb'fhíor na scéalta do leathtar ar Éirinn budh chaismirteach an dúthaigh í: neamhshuaimhneasach. "Sid é, a bhreithimh, an té budh chaismirtighe den gcuideachtain", ars an fíné, "níor stad sé ach ag tabhairt easmailte": budh mhó budh bhun leis an míoshuaimhneas. Is líomhtha, cródha do sheól sé an bád tríd an bhfarraige chaismirtigh: muir dhásach, fhiadhain. In ainm Dé stad de chainnt, ná bí chómh caismirteach san gan chúis gan adhbhar: glórach. Duine ait dob eadh é gur dheacair a thuigsint, taomanach, aisteach, fuil chaismirteach ann: níor d'aon dúthaigh ná cine a athair 'sa mháthair. Seachain cuideachta chaismirteach nó is tinn duit: seachain daoine gur deacair réidheachtaint leó dá shíothchánta beidhfí leó.

caisnighim: *b.a.* fillim, casaim. Féach mar chaisnigheann an páipéar san teine: casann anáirde leis an dteine. Caisnigheann sí a folt lé beasaibh teódha: casann barraidhe na ruibidhe 'n-a lúbaibh. Caisnigheann cneas an duine leis an aois: tagann ruic a's riastaidhe ann.

caisnín: *f.4.* blúire, giota, smuitín, stiallín, filleadh. Cuir caisnín (tobac) san tseanphíp a's bíodh gal againn: cáithnín beag, blúirín. Chídhfeá rudaidhe aite i súilibh tuata sa chathair mar fear ag caitheamh caisnínidhe aráin chun éanlaithe an aoir: brúscur, mionbhlúiridhe. Ní fhéadfainn codailt ar an leabaidh ag caisnínidhibh fén mbairlín: cnapáin bheaga.

cáit: *d-bh.* cad é an áit? cá h-áit? Cáit a bhfuairis an tseóid hata (caipín, aon bhall éadaigh, aon rud in ao'chor so-amhairc): cad é an ball? Cáit anois ó tá tamall maith annso againn? cá rachfam anois? Cáit duit anuiridh? cá rabhais? Cáit duit, a dhuine chóir? cad as duit? cad é t'áit dhúthchais?

cáiteach: *b.2.* cliabh nó ughaim bheadh aosta. Ní choingbheochadh an cháiteach fiche práta! an tseanchliabh, seanchiseán ag imtheacht as a chéile. Drochchlódh oibre portaigh seadh an tseancháiteach san: ughaim nó cliabh gan mhaith.

cáiteach: *b.2.* an bháirlín a leathtar chun an gráine do ghabháil le linn cáithte, seól mór. Cuir bairlín na leapan mar cháitigh chughat: brat gabhála an ghráine. "M'anam diall do spalp sé", dá mhéid gaoth ann, go scaoilfead an cháiteach fúithe má bhíonn an ball dá chur orm ag an mbád eile: an mórsheól. "Bairlín seóil".

cáith: *b.3.* lochán; drabhghal, an cochall nó an crotal déise eórnan, coirce, cruithneachta, etc. nuair bhíonn an gráine. Imthigheann mo chomhairle air ar nós na cáithe: mar shéideann an ghaoth an lochán: gan aon tsuim do chur ionam. Ní mór nár dhall an sneachtadh me ag teacht im shúilibh ar nós na cáithe: tiugh. Níor fágadh agam ach an cháith den bhiadh: an sceanairt, an chuid gan mhaith. Le buirbeacht na h-aimsire tagann cáith na mara de dhruim na bhfaillteach: braonacha sáile séidte ag neart na gaoithe 'n-a chioth de bharr na dtonn mbriste. Tiocfaidh airgead 'n-a cháith fós ort ná bíodh ceisneamh ort i dtaobh do bhochtanachta: go tiugh, trom. Níl ach cáith 'n-a bhagairt, ná crith uaidh: bagairt gan feidhm.

cáitheach: *f.1.* arbhar brúighte nách mbíonn glan, mar coirce a's seagal measctha. Níor fhág na luchaigh faic 'n-a ndiaidh sa stáca gan cogaint ach cáitheach.

caitheachtaint: *b.3.* iachall, cómhacht, éigean. Fút féin atá fanacht nó teacht, níl aon chaitheachtaint mar seo ná mar siúd ort: níl neach ag cur iachall ort: ar do thoil féin ataoi. Níl caitheachtaint sa tsaoghal ort: saor ar pé nidh is mian leat do dhéanamh do dhéanamh. Budh mhór an chaitheachtaint do cuireadh air, a uaigh féin do thaighdeadh ar dtúis sar ar mharbhuigheadar é: fóiréigean. Ní lém thoil atáim ag dul ann duit acht lé caitheachtaint: dem aindeóin, i gcoinnibh mo chos. Níorbh aon chaitheachtaint do mhuinntir na hÉireann dul ag troid do Shasana le linn an chogaidh mhóir: ní raibh aon iachall ortha dul ann. Is iomdha san rud do dhéineann an duine bocht trí chaitheachtaint: lé gádh. Ná bíodh milleán agat air toisc gur thréig sé thu, bhí an chaitheachtaint rómhaith dho: ceal agus fóiréigean.

caitheadh: *f.* (*-thte*) scaramhaint an ghráinne leis an dtuighe, ag cur (sneachtadh, allus etc.), traochadh. Le neart agus fuinneamh na gaoithe do bhí farraige cháithte ag teacht aníos de dhruim na bhfaillteach: an sáille ag imtheacht 'n-a cheódhmharán leis an ngaoith. Is deacair cáitheadh gan gaoth: ní imthigheann an lochán ón ngráinne. Ar feadh na h-oidhche níor bhuadhas oiread agus aon chluiche amháin is mór an cáitheadh atá fachta agam: claoidhe, an lámh uachtair dá fhagháil i gcómhnaidhe orm. Riamh riamh tá an saoghal ghá cháitheadh, a mhuinntir ag fagháil bháis air, a chuid airnéise ag cailleamhaint air, gan iomard fén spéir nách bhfuil air: ghá chlaoidhe, ghá thraochadh. Dá mhéid cáitheadh fuair sé, gach aonne 'n-a choinnibh, bhuaidh sé ortha go léir: dá mhinicighe do buadhadh air agus do theip air, d'éirigh leis fá dheireadh. Thug sé an oidhche ar fad ag cáitheadh shneachtaidh go raibh brat trom ar an dtalamh ar maidin: sneachtadh ag teacht lé gaoith mar bheadh lochán ag imtheacht ón ngráinne. Lé teas an lae agus fiú amháin tú do bheith díomhaoin glan bheidhfeá ag cáitheadh alluis san Oileán Úr: allus ag teacht trí gach píochán mar bheadh lochán ag imtheacht leis an ngaoith. Tá cáitheadh maith fachta agat uaidh: chuir sé argóint dhian, chrosta ort. Dá mbeadh duine ag treabhadh i gcoinnibh báistighe a's gaoithe déarfá leis, ar shroichstint cinn spric do: ní cáitheadh go dtí é: sé sin, rug duadh a's iomard air a thriall do shroichstint. Ní raibh aon ghaoth cháithte féin ann: gaoth chómh ciúin sin a's ná raibh oiread san gaoithe ann. Ag cáitheadh choirce, sheaghail, eórnan lé criathar.

caitheamh: *f.1.* caithmhe, caithte, do theilgean; urchar; d'itheadh, ag baint áise as rud, ag gabháil trí (airgead, aimsir etc.), buanas: dreóchadh: leagadh (mar bheadh ag falla nó faill as a dhíreacht): éileamh: iachall, éigean. Bhíodar ag caitheamh cloch ar a chéile: ag rúideadh chloch. Is eagal liom nách falla seasamhach é tá caitheamh mór amach aige: tá an falla as a dhíreach san treó amach. Faillteacha árda, fiadhaine, conntabharthacha go bhfuil caitheamh amach aca: go bhfuil a mbárr níos sia amach 'ná a mbun. Ó chonnac an long do bhí sí ag caitheamh siar: a tosach (bíodh gur ó thuaidh nó a dheas a bhí an long ag gabháil) casta beagán sa treó san, sé sin, is siar ó dheas nó siar ó thuaidh do bhí sí ag gluaiseacht. Ag caitheamh aniar ar Éirinn atá na taoididhe go léir mar is follus ó rudaidhibh a caithtear i bhfarraige dhá thásdáil. Ag caitheamh ó dheas do bhíonn an taoide aithbhe, ag caitheamh ó thuaidh an taoide thuile: sin mar ghluaisid. Chonnac an

ráth éisc ag caitheamh ar an líon: ag druideam leis. D'imthigh a mhisneach bídh, níl aon chaitheamh i ndiaidh aonnidh d'itheadh: fonn chun bídh air. "Bíodh gal tobac agat" – "ní bheidh, níl aon chaitheamh 'n-a dhiaidh agam": éileamh nó fonn tobac do chaitheamh. "Táid ag pósadh" – "is mithid dóibh sin, is fada caitheamh i ndiaidh a chéile aca": is fada iad agus éileamh ar a chéile aca. Chaill mo spirid ar fad, níl aon chaitheamh bídh ionam anois: fonn bídh d'itheadh. Sin feighre de bhrógaibh maithe ort, tabharfaid anchaitheamh uatha: mairfid i bhfad. Éadach é sin, ar an dtathag atá ann, go bhfuil caitheamh maith ann: a mharifidh i bhfad. D'fhear óg is mór mar tá an caitheamh ag dul ann: ag dul chun deireadh nó dul ar gcúl. Caitheamh tar meón do dhuine bocht seadh dhá phúnt ar aonach: ag cur a choda go neamhghádhtarach. Cad n-a thaobh ná baileóchadh sé airgead fear gan caitheamh: gan aon scaramhaint lé n-a chuid airgid ann ach mar budh ghádh dho. Ní hiongadh dhom gan an seancheol do bheith ionam mar tá caitheamh na mbliadhan ag dul ionam: an dul ar gcúl a thagas lé haois. Ní bhfaghair mórán caithimh as na brógaibh sin, droichleathar atá ionta: ní mhairfidh siad i bhfad. Is maith láidir an fear dá aois é, níl aon chaitheamh ann: níl an chuma a thagas lé haois air. Ar an gcarraig sin amuigh théidheadh garsúin an pharóiste le linn óige m'athar ag imirt chártaidhe de chosaibh trioma; anois tá góilín idir í a's an talamh, sin é caitheamh na farraige dhuit: cómhacht an uisce d'ith an talamh a bhí ann. Gheobhair caitheamh do shaoghail sa bhád san: mairfidh sí díreach chómh fada is mhairfir féin. Rinne a mhuinntir caitheamh mór leis d'iarraidh dochtúra do dhéanamh de, mar buachaill díomhaoin, óltach, imearthach dob eadh é: mórán airgid do dhíol ar a shon. Cad é an cnáimhseán so ort i dtaobh bochtanachta, tá tuilleamh mór agat, a's cá bhfuil do chaitheamh?: cad ar a shon go scarair le h-airgead? B'iongtach an caitheamh (urchair) a bhí ag Ó Sioradáin go gcuireadh sé an dioscas níos sia ó bhaile 'ná aonne des na sean-Ghréagaibh: urchar, an fhaid a chuireann duine aon rud lé neart a ghéige ón áit go mbíonn sé 'n-a sheasamh. Ag gabháil tharm isteach do thug sé caitheamh gan chúis gan adhbhar dom lé droich-mhianach ceart: sháidh sé uaidh me. Lé caitheamh cruinn chuir sé an cuaille téide dathad troigh go dtín mbád a bhí i gconntabhairt. Is iomdha cladhaire a bhuail umum i gcaitheamh mo shaoghail ach is é seo an ceann ortha: ar feadh mo bheatha. Ghlac uamhan é go bhfillfeadh a dhroichbhearta air i gcaitheamh a shaoghail agus chuidigh sé leis féin: sara bhfaigheadh bás nádurdha agus mhairbh sé é féin. I gcaitheamh an tráthnóna do thuirsigheas lé déine na hoibre agus lé n-a fhaid aimsire: agus an tráthnóna ag dul i ndéidheanaighe. Bhíodar ag caitheamh san uaigh gur líonadar í: ag teilgean cré innte. Thug an dá dhíorma saighdiúiridhe ag caitheamh ar a chéile go dtí ná raibh urchar fágtha aca: ag lámhach ar a chéile. "Connus tá an fear breóidhte an aimsir seo?" – "go hiongtach, tá sé ag caitheamh a thóna": ar fheabhas, i sláinte mhaith. "Obair, an eadh?" – "go dtugaidh Dia do chiall duit, duine ná deárna lá oibre riamh ach ag caitheamh a thóna": deargdhíomhaoin agus teasbach air: díreach mar chídhfeá ainmhidhe ceathairchosach ag rúideadh a chosa deireadh san aer. Ag caitheamh a choda dho thacht cnámh é: le linn do bheith ag itheadh. Deineann iomad caithimh tobac garg mo scórnach: ól tobac. Téidheann an caitheamh sa chloich ghlais, a rádh ná raghadh sé sa duine: fiú amháin dá chruadhacht an chloch ghlas snoigheann sí leis an aimsir. Bí ag caitheamh ort, is beag eaga againn, nó beam déidheanach ón aonach (amharclann etc.): gléas tu féin. Ar chaitheamh dhíom go tiugh, te, do léimeas lomnochtach isteach sa tsruthlam taoide buile: ar bhaint mo choda éadaigh díom go luath, imnidheach. Bhhítheas ag caitheamh orm go dtí go rabhas ag grogghal fén ualach: ag cur breise air. Ag cuardach an tseómra don ghadaidhe níor fhág sé faic ann gan caitheamh

tharais: gan a bhreithniughadh agus do chur i leathtaoibh ag scrúdughadh dho cad thógfadh a's d'fhágfadh sé. An tslighe is réidhtighe lé duine sanntach seadh bheith ag síorchaitheamh chuige: bheith ag tabhairt an ruda a bhíos uaidh do gan aon chómhardú. Budh cheart caitheamh fén gcapall san nó ní luighfidh sé: easair do chur fé. Gan aon áit áirighthe chun luighte i gcóir na hoidhche, gach aonne ag caitheamh fé mar d'fhéadfadh sé: ag déanamh leapachais do féin nó ag síneadh tharais. Ní fheaca riamh i gcuideachtain é – i gcómhnaidhe ag caitheamh air féin: gan é do thabhairt dighe ná bídh d'aonne acht do féin. Bhuaidh an garsún réal ar chaitheamh anáirde ós na garsúnaibh eile: cluiche go rúidtear pingnidhe san aer agus go nglaodhann an caithteóir "ceann" nó "cláirseach". Ní fhuilngeóchainn caitheamh síos ar mo pharóiste ó neach, níl ach éitheach id ghlór: díomholadh, cáineadh. B'é an chéad lá riamh ar muir agam é agus budh mhór é mo chaitheamh amach: úirleacan. Is minic do chonnac craosaire ag bórd bídh ach im shaoghal níor thárla aonne orm go raibh oiread caithimh isteach aige: goile: a íosfad oiread leis. Budh mhór an caitheamh é ar dhaoinibh bochta aimsir na ndeachmhan go gcaithidís an deicheamha cuid dá mbíodh aca do thabhairt uatha. Aon uair ná bíodh mo cheachtanna saothruighthe agam don máighistir chuireadh sé de chaitheamh orm fanacht ar scoil tréis trátha: iachall: b'éigean fanacht istigh i ndiaidh na coda eile. Dubhradar gur lé caitheamh do shéanadar a gcreideamh a's nách le toil mar go rabhthas ag déanamh foiréigin ortha: gur cuireadh d'fhiachaibh ortha é le bagairt. Ní le sainnt airgid d'iarras na fiacha ach lé caitheamh na bochtanachta: bochtanacht chómh mór san gur iarras in aghaidh mo thola é. Ní carthanacht ach caitheamh sraith do thabhairt do shagart na paróiste: iachall seadh dréir gnáis agus éilimh na heaglaise. Dá gcuirfí caitheamh ort is mear do raghfá ag troid dod thír: dá gcuirtí eagla na dlighe ort. Duine scurtha, díomhaoin gan caitheamh sa tsaoghal orm seadh me: duine nách gádh dhom ach mo thoil féin do dhéanamh. Níor mhór an caitheamh do theastuigh uaidh é do mhealladh chun gadaidheachta, bhí an mianach ann: budh bheag an tafant budh chall do dhéanamh air. Is amhlaidh mar tá agam anois go bhfuil an oiread iomard, buartha, mísheól agus díombáidh tagtha orm go bhfuilim ag caitheamh an tsaoghail anáirde liom féin gan puinn suime do chur i rud mar cos bhriste do bheith agam: géilleadh gan aon ghleódh ná gearrán do déanamh 'n-a thaobh díreach agus mar bheadh dá mbudh ná raibh aon nidh bunoscionn liom. Dá mbeitheá ag caitheamh na bhfiacal leis go deireadh do shaoghail ní léighfeá ar an bhfear san: ag briseadh do chroidhe d'iarraidh a fhionnadh cad é an saghas duine é. Daoine budh ghalánta 'ná iad dhearbhuigh sé nár tháinig treasna riamh air agus an caitheamh do thugadar do: an déanamh nó an cóir maidir lé beatha síbhialtacht a's meas do fuair sé. "Ná coigiltear faic ar an nduine iasachta so", arsa fear an tighe, "tugtar caitheamh cóir do": ná fágtar aon easnamh air. An caitheamh do gheibhim tugaim uaim: mar bítear liom seadh bhím leó.

caithim: *b.a. 7 n-a.* tugaim (an lá, an aimsir etc. isteach), cleachtaim, déinim taithighe de, gabhaim tríd, úsáidim, iomcharaim, ithim nó ólaim, gabhaim trí gan mhaith, laitim, tugaim urchar, crústuighim, rúidim, teilgim; caithim lé (tugaim ceann nó déanamh do). Duine fuar, díomhaoin gan faic do dhéanamh ach caitheann an lá 'n-a roilleach: gaibheann sé tríd an lá gan bail do chur ar aonnidh ná ar aonne. Caitheann an t-iascaire a's an máirnéalach toisc chonntabharthaighe a mbeatha bheith ar a mbiorda: ní mór dóibh bheith síoraireach. Caithtear bróga do chaitheamh ag an bhfuacht: ní mór do dhaoinibh bróga do bheith ortha. Caithimíd biadh chun an anama do choimeád ionainn: ithimíd

biadh etc. Caitheann sé a shaoghal gan aon mhairg do chur air féin: gaibheann sé tríd. Caithtí airgead trom ar bhrógaibh thar lear, anois caithtear ar ár ndéantús féin bróg é: tugtí airgead etc., anois tugtar etc. Go mairir a's go gcaithir do chulaith bhreágh éadaigh: beó go rabhair agus í ort faid bhíos pioc di lé chéile. "Ar thugais fé ndeara an hata galánta atá air?" – "thugas, nár chaithidh sé! an gliogaire": nár fhaghaidh sé sásamh ann: go n-imthighidh sé ar mhío-órdughadh gan é do bhaint aon mhaitheasa as. "Mar ar phósas féin nách liom féin do chaitheas mo shaoghal?": ní dheárnais díobháil ná olcas do chách. Bhí malairt measa agam ort, ná caith cainnt leis an amadán san ná tuigeann faic uait: ag cur cainnte asat gan bhrigh. Ná caith a thuilleadh cainnte ar arm na poblachta, budh mhaith an mianach iad: ní gádh breis chainnte do dhéanamh 'n-a dtaobh. Chaith an bhó marbhghamhain: rug sí gamhain roim a h-ionbhaidh. Caithimís uainn seanchaidheacht: cuirimís uainn (eirighimís as) bheith ag trácht ar rudaidhibh atá imthighthe. Fear foidhneach a chaitheas ciall lé gach cúrsa dian: fear a mheádhas cúrsaidhe agus a thuigeas gur beag an mhaith a thagas de bheith ag déanamh an iomad buartha d'aon rud dá olcas é. Dréir a chómharthaidhe mar tugadh dom iad, go raibh sé caol, árd, lom, chaitheas tuairm go raibh mo dhuine agam: do cheapas, do shaoileas go raibh an té a bhí uaim agam. Ar an gcuma bhíodh sé ag cur tuairiscidhe imtheachta luingis Shasana caitheadh amhras air gur spiaire é: tuigeadh gan fiadhainise cheart gur spiaire é. Chaith obair an bhóthair sin trí bliadhna sara raibh sí críochnuighthe: bhítheas ag gabháil di i rith na feadha san. Níl sé de chuma ort gur caitheadh go maith leat san gcarcar: go bhfuairis déanamh nó ceann nó cóir mhaith ann. Caith thart na seanghiobal, féach a bhfaghfá mo léine 'n-a measc: cur i leathtaoibh iad gan aon tsuim do chur ionta. Cad n-a thaobh gur chaithis thart bean chómh breágh léi agus an grádh a bhí aice dhuit: gur leigis i neamhshuim í. Caith chuige, agus fear maith seadh thu aige: bí ag tabhairt do gan stad etc. Caith ar a chéile na figiúiridhe sin, féach cad é an tsuim atá ionta: aduigh, cuir i bhfochair a chéile. Caith ort go prap nó beir déidheanach: cuir ort do chuid éadaigh go géar, láidir gan puinn cáiréise. Téighir ag faoisdin anocht, caith Corp Críost ar maidin roim imtheachta chun bóthair duit: tóg Comaoin Naomhtha. Má tá an biadh 'n-a ualach ar do chroidhe caith amach é: má tá masmas ag an mbiadh ort úirlic é. Ní chaitheann aonne go mbíonn an fhírinne aige bréag do rádh: ní bhíonn ar etc. Caith (coirce, féar etc.) chun na bó san: tabhair di. Caith fén gcapall san: cuir easair fé.

cáithim: *b.a. 7 n-a.* fearaim go flúirseach, scaraim an gráine leis an gcochal, scilligim: traochaim. Thug sé an oidhche ag cáitheadh sneachtaidh: ag cur. Cháith sé sneachtadh ar feadh na hoidhche: chuir sé sneachtadh go trom: bhí an sneachtadh ag tuiteam chómh tiugh le cáith. "Mo chreach a's mo chás mar cháitheann sé sneachtadh agus sioc, a's mise a's mo ghrádh i lár na farraige amuigh": chuireann sé sneachtadh agus sioc go trom. Ní hiongadh do creathaidhe fuachta do theacht air, cháith sé an oiread san alluis ag teas an lae agus cruadhtan na hoibre: thug sé allus 'n-a shruthánaibh: bhí sé ar silleadh le hallus. Cáithfead an coirce seo ambáireach má bhíonn mo dhóthain gaoithe ann: croithfead le gaoith é i slighe a's go scarfaidh an gráine leis an lochán. Mar bhuaileadh na holaidhthe móra troma an charraig d'imthigheadh an sáile 'n-a fharraige cháithte: 'n-a uisce leachta geal ar nós lochán an arbhair. Bhaineamair an oiread san siubhail as an nadhbhóig go raibh farraige cháithte (cháithteach) ag imtheacht dá thosach: an t-uisce ag imtheacht go héadtrom mar bhead an méid a imthigheas lé gaoith. Mara mbeadh me bheith cáithte ag an saoghal budh bheag orm dá mhéid bheadh im choinnibh: claoidhte, bochtnuighthe.

“Connus tá Tomás indiu?” – “tá eagla orm gur fear cáithte é, nách fada is saoghal do”: fear ná fuil tuilleadh d’fhulang. Do cháidh an sneachtadh san fuacht agus easbhaidh bídh iad ar an oileán reóidhte: bhuaidh na rudaidhe san ortha. Ní chaithfeadh a bhfuil d’imirtheóiridhibh ar an bpáirc é: ní thraochfaidís é. “Cad is aois do? deich mbliadhna is trí fichid? ní fear cáithte fós é”: tá bliadhanta.

caithiseach: *a.* grádhmhar, ceanamhail: deaghfhéachain, deaghchlóidh: greanta, aoibhinn. Deirtear gur caithiseach an bhean í Máire bhreágh, a bhí sa Ghleann Mhór, go mbíodh fir óga na dúthaighe go léir ghá héileamh: áluinn, deaghfhéachain, sciamhach, taithneamhach. Budh chaithiseach an lá farraige chuaidh Tomás Ó Cathain a’s me féin treasna Bágha ó Chuan an Chaoil go Cathair Saidhbhín – gan méam as an spéir agus an mhuir ar nós leamhanachta. Scrígh sí leitir chaithiseach chugham – bréithre meala, stuamdha, banamhail, ciallmhar: leitir a thaithneóchadh lé croidhe aonne. Bróga caithiseach seadh iad san, ar an airgead, féach an leathar maith, agus an déanamh cúmtha: taithneamhach leis an súil. Uain chaithiseach do chaithfeá i gcuideachtain an fhir, eachtraidhe breágh, duine sochma a’s croidhe oscailte: seal a chuirfeadh aoibhneas ort. Saoirseacht chaithiseach a déintí fadó, ní mar sin aois, ní bhíonn aca ach útamáil: tógáil gur bhreágh léd chroidhe féachaint uirthe lé slachtmhaireacht a’s críochnamhlacht. Cathair chaithiseach Áth Cliath: taithneamhach.

cáithleach: *b.2.* lochán; an bháirlín go gcáithtear uirthe; fuacht ar ainmhidhe (duadh anála). Níor fhág na luchaigh faic sa stáca ach an cháithleach ghearradar a’s laiteadar ar an gcuma san: idir thuighe agus ghráine chómh mín le min. Leathadh seancháithleach ar an dtalamh chun an ghráine do ghabháil ar a scaramhaint leis an gcochal: seanbhairlín ná beadh aon chúram di. Níl an capall san ar fóghnamh, tagann cáithleach a shuadhann é: fonn casachtaighe agus duadh anála. Tá an bhó ag cáithligh.

caithmheach: *a.* feóidhte, tugtha do rud do chaitheamh gan aire, neamhchruinn, straoilleach. Duine níos caithmhighe ’ná é níor choidrigheas riamh: dá mhéid do thuilleadh seadh is iomdha do chaitheadh agus bhíodh i bhfiachaibh. Slighe ait, chaithmheach ar airgead seadh é do thabhairt ar ólachán: slighe nách mbíonn a luighead dá bharr is iomdha ceana bhí ag an athair ar an mac caithmheach ná ar an gcuid eile dá chloinn: an mac a scaoileadh uaidh a chuid go hait, neamhaireach, amadántamhail.

cáithne: *f.4.* blúire beag. “Cheithre muca fireanna bána ag féachaint siar ar Thalamh Uí Dhálaigh, d’íosfaidís a dtiocfaidh ’sa dtáinig, a’s ní chacfaidís oiread an cháithne” – seanrádh: an chuid is lugha [na cheithre muca so roilig!]. Cuarduigh do phóca féach a bhfaghfá cáithne tobac do chuirfinn sa phíp go mbeadh gal againn: blúirín tobac. Shuidheas, thairngeas chugham an phíp, chuireas cáithne innte, dheargas í a’s d’ólas mo sháith ar thaobh na gréine den gclaidhe. Ní fada go mbeidh an chuigeann déanta, tá cáithnínidhe (ime) ag teacht sa mheidir: blúiridheacha bíognacha. Loirg an bacach greim aráin uirthe, ach den ndoicheall dob eadh í agus ní bhfuair sé cáithne!: an brúscar mion.

caithréim: *b.2.* buaidh, ré buacach. Rófhada bhí Sasana fé chaithréim: in uachtar agus smacht aice. Ghluais na saighdiúiridhe fé chaithréim abhaile ón gcogadh go glórach, ceannárd, maoidhteach: buaidh aca agus meas aca ortha féin dá chionn. Beidh caithréim

sa teach so na bainise anocht: rí-rá, itheadh, ólachán a's scléip. Ambaiste ach gur b'é mo thuairm go mbeadh sé i gcaithréim fós, dá bhoichte anois é, mar is deacair é do chongbháil ar lár: in uachtar.

caithréimeach: *a.* buacach, ag foillsiughadh áthais i dtaobh éacht do dhéanamh. Cuideachta shuairc dob eadh sinn, gan mairg sa tsaoghal orainn, agus shroicheamair an baile go caithréimeach toisc an lae do bhreith ag imirt: mórghlórach, fuadrach, árdcheannach. Bhailigheamair i bhfochair a chéile agus chosnuigheamair go caithréimeach ár dteaghlaigh ar an namhaid, ghá ruagadh soir siar: lán d'áthas a's de luthgháir i dtaobh ár mbearta. Ghluais ár mbád lé rámhaidheacht cheart go caithréimeach chun tosaigh ag fágáil na coda eile 'n-a diaidh: go buacach, maordha, gan dul ar bhreith uirthe.

caithreóigín: *f.4.* bóiricín, duine go mbíonn bórghal ann, coisidhe neamhshlachtmhar. Ní chreidfinn go sroisfeadh sé an Daingean go ceann seachtmhaine an caithreóigín: duine mall, míothapaidh. Fásan uaim! a chaithreóigín: a dhuine aindeis. Ní caithreóigín atá uaithe ach fear scafánta: duine aimlidhthe ná beireann a chosa go slachtmhar leis.

caithrighim: *b. n-a.* eascaraim mar dheineann geamhar. Chaithreóchadh an coirce sin dá bhfaghadh sé beagán báistighe: raghadh sé chun breis ghráine. Níl ann ach lothargán duine, gan ghéaga, gan chuma, ná caithreóchaidh choidhche: ná heascaróchaidh, ná leathanóchaidh fé.

caithriughadh: *f.* (*-righthe*) eascar as méadughadh dias: leathanughadh géag crann etc., bórghal; siubhal scagtha. Níor thaithnigh an capall liom, mar bhí a chosa tosaigh ag caithriughadh scagtha amach go rófhada. Aimsir mhaith fháis seadh í, tá na barraidhe ag caithriughadh go hiongtach: ag leathadh amach 'sag méadughadh.

caithte: *s.bh.* rúidte, teilgthe, lom, díthshláinteach; díscighthe (airgead etc.), ídighthe (mar biadh, deoch, airgead etc.), ithte, cnaoidhte, tnáidhte, imthighthe (aimsir). Bhí an t-urchar caithte agam air sar ar aithnigheas sa doircheacht gur bh'é mo dhreatháir a bhí ann: teilgthe, (imthighthe) as mo láimh. Leig sé air ná raibh sé ag ceileabhradh go dtí go raibh cárta caithte aige: imeartha amach. Tá sé chómh dona agus bhí sé riamh níl an deoch caithte uaidh fós aige: níor éirigh sé as do bheith ag ól fós. Ní hamhlaidh atá an tigh díolta in ao'chor aige ach caithte uaidh, an lá thug sé ar fiche púnt: reicthe, díreach mar bheadh sé in aisce. Ní dóigh liom go bpósfaidh anois tá sé ós cionn a deich is dathad, tá a shaoghal caithte suas aige leis féin: gan aon fhonn air atharrughadh do chur air. Ní dócha go dtásdálfad a thuilleadh dochtiúiridhe tá an saoghal caithte anáirde agam liom féin: ag géilleadh do ghearrán gan chnáimhsean dá stáid. Ní fhéadfadh duine mar é maireachtaint i bhfad a's gan cuid a chaithte ann: gan fonn ná dúil ná tógaint bídh ann. Críonna caithte a's mar bhí sí d'éirigh sí chun fáilte do chur rómham gur mhac dá dhribhshír me, d'fhág Éire fadó riamh: feóidhte aosta. Níor bh'fhéidir aon dlighe do chur air, mar bhí a chuid 'sa sheilbh caithte suas aige ar a mhac: tabhartha dho go dleaghthach. Ar an méid do chonnac caithte amach d'fhuil aige d'aithnigheas ná mairfeadh sé i bhfad: an méid fola a bhí úirlicthe aige. Ní mór go mbíodh mo chuid caithte agam nuair deireadh an saoiste linn bheith i bhfeighil oibre: is ar éigean bhíodh an biadh thiar agam etc. Trí

scillinge an t-airgead caithte fuaireas i gcóir an lae: airgead costais lasmuigh dem thuarasdal. Is caithte croithte an chuma a bhí ort tréis do thaom breóidhteachta: lom, tanaidhe, seirgthe. I bhfad dhóibh caithte amach sar ar imthigheadar thar lear: curtha as a seilbh.

cáithte: *a.r.* an gráine scartha leis an gcochall; tnáidhte, tugtha: glantha; suaidhte, spíonta, claoidhte. Ní fhéadfadh an coirce bheith cáithte i gceart, mar ná raibh do dhóthain gaoithe agat: cuid den lochán bheith fós tríd. Ar bh'iongadh na daoine bochta bheith cáithte – cíos trom, fagháltas beag, luach suarach ar an dtoradh: claoidhte, i ndeireadh a bhfuilngtheachta. Seadh, tá buaidhte agam, ach táim cáithte: níl a thuilleadh tugtha ionam – mo neart a's m'anál imthighthe orm. Iomad sáidhte don bhád do chuir farraige cháithte(ach) lastuas di: fuinneamh na farraige agus fáscadh (rámhaidheachta) an bháid do chuir an sáile 'n-a cheódh lastuas di. Bhíodh na h-iascairidhe as an silleadh mhaol bháidhte ag farraige cháithtigh oidhcheanta géara, gaothmhara. Ní fada uaidh bheith cáithte, tá sé in earball a shíbhialtachta: go luath anois beidh claoidhte, ní fada uaidh deireadh. Thuit sé 'n-a charn codlata, bhí sé cáithte 'gen ndigh: fuair an deoch (mhearbhaill) an lámh uachtair air. Faigh peann eile 'n-a ionad san, tá sé cáithte: deireadh a chuid maitheasa déanta. Fear cáithte a éisteóchadh le h-aonne ag tromaidheacht ar a dhúthaigh: fear gan anam, gan spirid. Cáithte ag déine na hoibre ó dhubh dubh thuiteadh na bráigheanna go minic i gceann a gcos: tugtha, traochta, tnáidhte.

caithteach: *a.* tugtha do chaitheamh, laimhthighiseach, rabairneach tar cheart; scaipightheóir; dian i gcaitheamh ar éadach etc. Caithteach, siléigeach i dtigh an óil gur dhealbhuigh sé é féin: ag tabhairt iomad dá chuid airgid ar dhigh mhearbhaill. Is beag bheidh i láthair do bháis, táir ró-chaithteach, biadh maith, éadach maith, neamhsprionnlaitheacht: bír ag scaoileadh airgid uait ar rud éigin gan sos. "Céaca ded chloinn budh chaithtighe?" – "Seán an diablóir! d'imthigheadh airgead mar imtheóchadh gainimh trí chriathar": is mó go scaradh airgead leis. Bóthar caithteach ar ghluaisteánaibh seadh, lán de chiseachaibh a's de stocánaibh cloch: bóthar nár bhfada sheasóchaidís iad. An té a bhíos caithteach bíonn thiar air: an duine a scaoileas a chuid uaidh go neamhaireach tagann an lá air go mbíonn easbaidh air. Nách caithteach an garsún ar bhrógaibh thu: ní fheasuighid i bhfad leat.

caithteachán: *f.1.* duine a chaitheas nó a scaras lé n-a chuid gan aon mhachtnamh do féin. Caithteachán dob eadh é le linn an lae mhaith, bhí a rian air ar theacht don lá chruaidh ní raibh faic aige: duine ná déineadh taisce d'aonnidh. Dá fheabhas oibrigh is dá mhéid do thuill sé do bhí caithteachán mná aige a leaghaidh an tigh air: bean gan aon chruinneas ná fonn taisce.

caithteachas: *f.1.* rabairne, manaois choda. Déarfadh duine nár ghádh an caithteachas uile ar phósadh bhocht – biadh a's deoch siar síos do n-a dhá oiread daoine: rabairne: scaramhaint le hairgead gan aire. Dá mbeadh ort clúid do chur ar mhóir-sheisear, rud beag, bheadh a fhios agat cad é an caithteachas atá in éadach: costas mór. Léan air, an sprionnlóir nó lé n-a chaithteachas ná scannradh chun an tsaoghail ná raibh airgead n-a dhiaidh: an méid nár ghádh dho do chaitheamh. Ara, a Dhia, a dhuine, caith uait, sa tigh

úd bhí an caithteachas, aonne go mbeadh easbaidh air, air féin do bheadh an locht: is annsúd do bhí flúirseach.

caithteóir: *f.3.* tomhaltóir, fear maith ithte, scaoinse, an duine a scaoileas a chuid n-a roilleach. Caithteóir iongtach ar bórd é, ceileabhrann an biadh mar bheadh draoidheacht air: ithteóir mórchoda. Ní mór an obair do gheobhair as an ndroch-chaithteóir capaill sin, is beag bhlaiseann sé: capall ná hitheann lé guilm. Cad is fiú aon chaithteóir amháin i dtigh a's a bhfuil agaibh ag tuilleamh: dísceóir an tighe aca.

caitshúileach: *a.* géarshúileach. I nganfhios dos na gadaidhthibh ameasc an mhathshluaigh a bhí ar Aonach na gCapall bhí bleachtairidhe go caitshúileach ghá leanamhaint: ag faire go géar, rúnda.

calabhar: *f.1.* an portobair os cionn an adharta a bhíodh i seanthighthibh chun cabhartha leis an simné chun an deataigh do shlogadh (clabha) tugtar anois é ar an siolpa a bhíos os cionn teinteán i dtighthibh nuadhchrothacha. Cuirtear cluig etc. ortha anois.

caladh: *f.1.* áit teacht i dtír, tráigh cuain, buaidh d'fhagháil ar aon chruadhtan. Oileán gan aon chaladh seadh Inis Tuaisceart agus mar sin is éigean báid nó nadhbhóga do ródáil cois cloiche nó do tharang suas ar thaobh na faille: log ná cuas gur b'fhéidir bualadh mar déanfí ar thráigh. "Déin an caladh (calaithe) air, a Dhean", ars an faigaidhe lé n-a abhach nuair bhí sé d'iarraidh an mhada ruaidh do ruagadh as an bpluais: faigh an buaidh: déin an talamh air: cuir as a ropach é. Níl ionam aon chaladh do dhéanamh ar an seanGhaedhilge mar nách taithighe agam í: ní féidir brigh ná tuigsint do bhaint aiste. An ndéineann aonne aon chaladh ort i dtaobh na Gaedhilge? an féidir lé haonne dul i ngiorracht duit? Is ródheacair caladh do dhéanamh ar an mbreac nuair ná bíonn fonn beartha air: breith air. Cladhaire seadh é ná deárnadh caladh riamh air: ná raibh aonne maith a dhóthain do. Dhéanfainn caladh éigin ar an obair mara mbeadh na drochúirlisidhe atá agam: do raghainn chun cinn ádhbhar éigin. Ar dheinis an caladh air? dheineas, thug sé púnt dom: lámh: rud de bharr do chonbharsáide leis. Ón lá d'imthigh sé an caladh amach ní bhfuairtheas scéal ná duain uaidh: ón lá d'imthigh thar lear ní cualathas uaidh. Do dhein an long cuan is caladh sa Daingean: shroich sí an Daingean saor, sábhálta agus shín le falla ann.

caladhphort: *f.1.* baile, cuain, baile puirt. Caladhphort gan eólas aca air do shroicheadar lé linn na stroimeach: cuan go raibh baile air. Níl de chaladhphort i nDún Chaoin ach cnoga barrachta gan dath gan deallramh: áit chun teacht ar an dtalamh tirim, nó chun báid nó luinge do shaothrughadh a's do chur ar láimh shábhálta.

caladhthóir: *f.3.* bádóir nó fear a thugas bád nó long saor sábhálta chun talmhan. Caladhthóir cliste dob eadh é ná téidheadh amugha a's ná déineadh dearmhad dá dhoircheacht bheadh an aimsir nó dá olcas bheadh an mhuir. Caladhthóiridhe gan mhaith go minic seadh máirnéalaigh mhaithe: ní bhíd cliste lé neamhthaithighe ar connus báid bheaga do thabhairt i dtír i gcuasaibh achrannacha.

caladhthóireacht: *b.3.* dul i dtalamh, bád do threórughadh ó áit dulta i dtalamh go háit eile mara é. Lé suathadh na farraige agus neamheólas na háite níor fhéad na máirnéalaigh caladhthóireacht do dhéanamh a's bádhadh iad: ní fhéadfaidís teacht ar an dtalamh tirim. Ar leathuisce is fearr chun caladhthóireachta ann: ar leathlán mara is fusa teacht i dtalamh. Mo ghradhain chroidhe bhur ngéaga, is maith an caladhthóireacht í sin i ndrochuain: gastacht bádóireachta.

calaois: *b.2.* cleasaidheacht, feall, caimeacht: bob. Bhuaidh sé cuid mhór airgid ar chártaidhibh, ach budh lé calaois é, ag goid chártaidhe, ghá gcómharthughadh chun a n-aithneamhaint: caimeacht. Do cheileabhair sé triuch ag cur muileat ar an mbórd, b'shin calaois: feall, cleas mícheart. Calaois throm seadh droichrith do mheascadh lá deighrith den earra chéadna agus a dhíol 'n-a dheighrith: cleas cam, mío-mhacánta. D'iarraidh leathphingne do chur 'n-a scilling ar leanbh toisc gan fios a mhalairt do bheith aige seadh calaois: cleas cam. Ag riar na dighe ar an gcuideachtain ná déin calaois ar neach: tabhair an tómas céadna dos gach aonne.

calaoiseach: *a.* míomhacánta, lúbach, cealgach. Imirtheóir calaoiseach a thógadh ó thóin cártaidhe, a choimeádadh 'n-a mhuilchirt iad agus a níodh gach cam chun buadhachtanta. Siopadóir calaoiseach a chuireadh uisce i leann dubh a's i mbeathuisce chun breise úngcáis do dhéanamh: cam, míomhacánta. Fuair sé céad púnt lé riar ar chúigear aca go comhthrom, agus choimeád féin a leath, calaoiseach i gcómhnaidhe: cleasach, lúbach.

calcadh: *f.* (*-ctha*) do dhul i righineacht, i gcruadhacht; i ndaingneacht, i gcruadhacht i ngoile, i neamhscropalacht, ag díonadh báid nó luinge ar uisce, dul i gceanndáine. Chuaidh sé chómh mór san i gcalcadh i gcoinnibh a chlainne ná labharfadh sé lé neach aca fiú amháin ar leabaidh a bháis: do chruadhaidh a chroidhe an oiread san nár fhan cion athardha aige ortha. Chaitheamair tamall mór ag calcadh an bháid le bunach, ach níor éirigh linn í do thiormughadh ar fad: ag cur bunaigh í síomaidhibh an bháid. Ní fhásfadh faic trí chalcadh na talmhan leis an mbrothal ar fad: balc nó cruadhacht do dhéanamh de. Dubhairt an dochtúir ná raibh air ach calcadh goile, agus go mbeadh go maith tréis purgóide: gan aon rud do bheith ag teacht as a ghoile dréir nádúra. Cheal gan aon rith bheith ag an uisce thosnuigh sé ar chalcadh: dul i lobhthacht. Fonn aithrighe air? ní raibh pioc; lé gach coir is ag calcadh sa pheaca do bhí sé: ag dul i gceanndáine is i righineacht. Tháinig cneadh ghránda ar mo cheathramhain mar ar gonadh me, agus cheal aire chrom sí ar chalcadh: an fheóil ar lobhadh: othar gránda do theacht aiste.

calcaim: *b.a. 7 n-a.* cruadhaim, lobhaim, líonaim (mar síomthaidhe), téidhim i ndúire nó i gceanndáine: cruadhaim im ghoile. D'fhás an oiread san salachair a's fiadhaile i gciumhais an tobair gur chalc an t-uisce: gur bhog sé as gur loibh se. Cheal aire agus dochtúireacht do chalc an chos thinn gurbh éigean í do ghearradh de fá dheireadh: d'éirigh sí chómh tinn otharach san gur thosnuigh sí ar lobhadh. Chalc sé n-a chroidhe tréis an mhargaidh lé Sasana do dhéanamh nár labhair sé ó árdán poiblidhe nó nár chuir sé suim ar bith in aon rud a bhaineas leis an dtír: chruadhaidh sé, righinigh sé, tháinig fuath aige dho gach aon rud go mbíodh a chion air. Chómh luath agus thosnuigheadar ag bagairt orm muna ngéillinn dóibh is annsan do chalcas ar fad: do chuadhas i ndúire agus i ndochorruightheacht. Ó bheith ag síoritheadh feóla a's gan taithighe aige uirthe, do chalc

sé n-a bholg: ní dheachaidh sé chun suidhte leis féin mar budh cheart dréir nádúra. Calctar an bád so, níl síoma innte nách bhfuil ag tarang uisce: dúntar go dlúth le bunach gach scolt a's scar innte.

calcaire: *f.4.* an té a chalcas bád nó long, nó an t-iarann (bior) do bhíonn aige agus béal beag tanaidhe air.

calcuighim: ionann so agus "calcaim".

calcuighthe: *s.bh.* cruaidhte, righinighthe, balcuighthe. Is cuma liom anois cad thárluigheann dom, táim chómh taithightheach san ar an ndonas go bhfuilim calcuighthe ar nós na cloiche: cruaidh, neamhmhothuightheach. Is beag an géilleadh a bhí ag an ngiúistís dom, duine róchalcuighthe dob eadh é: duine gan motháilt dom chruadhtan.

call: *f.1.* ceal, gádh, dochar, máchail. Ná bíodh aon chall ort, aon rud a theastuigheas uait tá sé lé fágháil agat – biadh, deoch, éadach, airgead; ceal: aonnidh aca so atá uait geóbhair é. Dhéanfainn an obair gan iad, ní raibh aon chall lé n-a gcabhair: ní raibh aon ghádh léi. Nách deithineasach ataoi, cén fáth an fuadar, níl aon chall leis, níl aonne ag rith leat: níl aonne i gcomórtas leat agus mar sin ní gádh an deabhadh ar fad. Cé chuir de chall ort dul in arm? cé chuir d'fhiachaibh ort é? Bheadh sé de chall ort biadh do bhreith leat ar an mbóthar fada san mar nách bhfuil tigh ná treabh ar an slighe: níor mhór duit: chaithfeá. Níl aon chall orm dul abhaile go Satharn, fanfad sa chathair: níl aon iachall orm, ná níl aon nidh gur gádh dhom fritheailt air nó níl aon cheal orm gur b'éigean dom an chathair d'fhágaint mar gheall air. Dá mbeadh ciall aige ní bheadh call sa tsaoghal air: bheadh gach aon rud aige a theastóchadh uaidh. Dia go deó linn is iomdha rud do dheineann duine lé call: lé ganntar: nuair nách mbíonn aon dul suas aige. Cuir i dtaisce an tseanchasóg san, dhéanfadh sí an bheart lé linn caill: nuair ná beadh a malairt ann, budh mhaith ann í. Ná cuir do cheann sa scéal in ao'chor níl aon chall leat: níl aonne ghá iarraidh ort do bharamhal ná do thuairm do thabhairt. Níl aon chall lé dochtúir anois, táim ó luibh a's ó liagh, tá mo ghnóth déanta: ní maitheas ar bith cabhair dochtúra anois, táim tar fóir.

cáll: *f.1.* buannacht. Níl aon cháll agam chun aon ruda nách mbaineann liom: níl aon bhuannacht ná ceart agam chuige. Cad é an cáll a bhí agat me do cháineadh lém cháirdibh? cad é an ceart a bhí agat é do dhéanamh?

callaire: *f.4.* bollscaire; fear cloigín; duine a chaoineas; báirseóir. Mícheál Ó Suilleabháin (Micí na gCloch) an callaire a bhíodh sa Daingean lé linn m'óige; ghaibheadh sé tímcheall na sráideann, cloigín aige dhá chrothadh, go stadadh anois agus airís agus d'fhógradh rud éigin do bpobal, mar bó bheith ar iarraidh, ceant a bhí lé bheith ar siubhal, cruinniughadh poiblidhe, nó a lithéid. Ní fheaca riamh i dtigh an óil é nách 'n-a challaire bheadh sé, cluasa na ndaoine bodhar aige: ag béicigh 'sag screadaigh go míochuibheasach. Thug an bhean bhocht seal fada ar an uaigh n-a challaire: ag caoineadh na marbh. Seachain an callaire sin, tá teanga mhillte aice: bean a labhras go láidir, neamhthuigseanach. Éist, a challaire! a dhuine mhórghlóraigh, tharchuisnigh gan fuaimeant. Tá Seósaimh 'n-a challaire cille ann lé fiche bliadhain: an té a chroitheas cluig

a's cluigínidhe na heaglaise. Ná bí id challaire i dtaobh a bhfuil agat ar dhaoinibh: ná bí dhá innsint dos gach aonne. Callaire mná: bean a bhíos ag scóladh gach aonne lé n-a teangain. Ní dhéanfainn callaire dhíom féin leat: ní raghainn ar aon rian leat ag cainnt gan éifeacht.

callaireacht: *b.3.* cainnt árdghlórach gan éifeacht; cáinseóireacht: glaodhach árd chun aire d'fhagháil. Dá mbeinn ag callaireacht ó shoin air ní chloisfeadh sé mé, nó ní thabharfadh sé aon tur orm: ag glaodhach in árd cinn agus gotha. Agus an nadhbhóg ag dul fé loch do chromas ar challaireacht féachaint an gcloisfeadh aonne me: ar ghlaodhach chómh láidir agus bhí ionam. Dá mhéid callaireachta dheineas air fanacht ón gcarraig ní éisteóchadh sé liom: dá méid fógra árdghlóraigh. Cloisim thu go maith, ná bí ag callaireacht orm: nílir ach ag caitheamh do chuid cainnte liom: níl aon ghéilleadh agam duit. I mbun an chnuic annsúd thug sé a shaoghal at callaireacht ar chaoiribh a's ar mhadraidhibh: ag bagairt ar na caoiribh lé n-a cuid madraidhe. Ní ghnídhtear tigh gan teanga ach ní callaireacht obair: oireann ádhbhar cainnte chun gach aon ruda, ach níl call le gleódh.

callán: *f.1.* árus crúidhte, taosctha ná bíonn beag. "Bhí callán crúidhte aice 'n-a glaic a's ar dhrúcht budh dheas é a scéimh" – seanamhrán: árus adhmaid go gcluais. Mo mhairg! ní i dtaoibh lé gloinnidhibh dighe do bhí sé do bhí sé ghá ól 'n-a challánaibh! mórchuid de.

callán: [**calán**] *f.1.* glór árd, glór a's gleódh guth, clampar. Scoiltfeadh an callán a bhí ges na leanaidhibh do cheann nuair scaoileadh amach ar aitreamh iad: nuair tugadh sos beag dóibh budh mhór é a ngeóin. Nuair sheasaimh sé chun labhartha mar nár thaithnigh sé lé h-aonne do thosnuigh an callán ameasc an tsluaigh: an gleódh a's an t-éigheamh fiadhain. An callán a bhí istigh sa tigh sin faid bhí sé d'iarraidh labhartha: screadach: faoidhreach, strampáil, feadghail etc. Ní chloisfeá thú féin ag poll do chuaise: an gleódh san glisiam.

callánach: [**calánach**] *a.* éighmheach, glórach. Tigh callánach seadh tigh tábhairne riamh: tigh go mbíonn mórán gleóidh a's dultríchéile ann. Tá an choitchiantacht callánach i dtaobh an éirighthe i luach an phlúir: glórach míoshásta; ar tí toirmisc nách mór.

callóid: *b.2.* dubhais, duadh, achrann; ciapadh, clampar. Budh mhór an challóid do bheireadh ar na hiascairidhibh bochta ag caladhthóireacht san ndrochchuas san oidhcheanta dorcha fiadhaine sa gheimhreadh: an strus agus an duadh agus an chonntabhairt a bhí ann. Ar shaighdiúiridhibh an Chogaidh Mhóir do rug an challóid i dtrínsidhibh fuara, fliucha, salacha ar bheagán bídh agus i síorscannradh a namhad: fulng, scrios agus duadh agus conntabhairt. Ní thána chugham féin riamh ó challóid na hoidhche úd ag feitheamh go himshníomhach lé filleadh mo mhic a's gan súil aonne leis: uathbhás, ciapadh inntine is buadhairt. Callóid cheart seadh leanbhaidhe óga i dtigh, biadh a's éadach do sholáthar dóibh, leabhartha scoile, a's iad do chosaint ar ghalaraibh thógálacha: duadh mór a's clipeadh dá muinntir. Seo chugham airís thu a's rud éigin eile uait, is tú an challóid agam: cúis chiaptha: do shíor 'ghom chrádhadh lé rud éigin. Cúis challóide seadh aimsir fhliuch do lucht curtha síl: ní thagann as ach breis duaidh dóibh. Is

iomdha callóid do bheireann ar an nduine ó aois go bás: ní gan gabháil trí chruadhtan do ghaibheann sé trí n-a bheatha. Cad í an challóid is mó rug riamh ort? dá lá déag gan aon ghreim bídh! Tá sé de chuma ar an áit seo go raibh callóid éigin ann, tá gach aon nidh trí chéile: go raibh achrann éigin ann, mar troid nó gaoth mhór. "Nár bheiridh aon challóid choidhche ort" ars an bhean déirce nuair fuair sí an déirc. Níl aon amhras ná gur measa callóide na mara 'ná callóid na talmhan: gur deacra beatha do bhaint as an muir 'ná as an dtalamh. Fág annsan é mar ualach, tá sé róthrom, fan go bhfagham cabhair chuige, ná bí ag cur callóide ort féin leis: ag cur breis strosa ná mar is ceart duit. Callóid chlainne atá ag teacht léi: saoghalughadh a clainne ag déanamh díobhála dá sláinte. Thuit bacaidheacht air ó challóid na siubhalóide: an duadh a leanas siubhalóid fhada, mhinic, mar bhíonn ar fhear puist. Cuireann callóid an staighre ar a chroidhe: an duadh a thagas ó shiubhal ó ghlúin glúin an staighre. Duine leithreachais seadh nár chuir aonne riamh de challóid ort: nár bhuadhair tú féin le h-aonne riamh. Ní h-aon challóid liom aistear do chur orm féin agus tú do thionnlacan abhaile: is cuma liom 'n-a thaobh. Ní callóid leis lá oibre do thabhairt do chómharsain: ní chuireann sé mairg air. Nuair dhiúltuigheann duine maitheas bheag nó gníomh beag do dhéanamh deirtear "chuirfeadh sé callóid air", nó "mharbhóchadh an méid sin callóide é" lé seirbhthean é do bheith chómh neamhmaitheach san. Níor thairng sé bean ná clann riamh mar challóid air féin: mar chúram. "Ní chuirfeadh sé an oiread san callóide air féin go gcuirfeadh sé an leitir seo i bpost dom": duine neamhmaitheasach. "Fan againn go maidean ó challóide na hoidhche", arsa fear an tighe leis an bhfear siubhail. Callóid seadh oibriughadh le drochúirlis: obair chruaidh dhuabhaiseamhail. Do lithéid de dhuine níor bhuail i mball ná i mbearnain riamh liom, leanann callóid éigin i gcómhnaidhe thu: achrann, clampar. Nách óg deaghchroicinn deallramhuigheann tú, is beag de challóid na beatha ag goilleamhaint ort: duadh maireachtana. Callóid dob eadh an fóghmhar fadó seachas anois, inill anois, corráin an uair sin: obair mhór, duadh agus imshníomh.

callóideach: *a.* duabhaiseamhail, duadhmhar, buadhartha, ciapuightheach, stoirmeamhail, achrannach, clamparach. Is é déarfadh dochtúir leat gur callóideach í a shlighe bheatha amuigh moch, déidheanach ar gach glaodhach: go leanann cruadhtan í. Budh challóidighe dhom é 'ná an chuid eile dem chlainn, rud éigin ghá dhéanamh aige in aghaidh an lae ag cur buadhartha aigne orm: is mó chuir sé as dom 'ná an chuid eile. "Céaca is callóidighe, is dóigh leat, rámhaidheacht ná rothaidheacht?" - céaca is mó chuireas stros cuirp ar dhuine? Is callóideach é mo shaoghal ag síorobair ó Luan go Satharn ar bheagán fhághaltais gan lá saoire ná caitheamh aimsire: deacair, dian, neamhdhaonna. Budh challóidighe liom oidhche bháistighe 'ná oidhche sheaca: is mó raigheadh sí i luighe gaibhte orm. Budh challóidighe beatha ban tighe i gcatharachaibh cheana ná fé láthair, is iomdha oireamhaint tagtha amach a éadtromuigheas a gcuid oibre: budh dhéine. Is é an bás i dtigh an rud is callóidighe aca go léir: an rud is mó a ghnídheas díobháil a's buadhairt. Brathaim an-challóideach ar fad é bheith gan airgead: déineann sé ciotaighe dhom agus buaidhreamh. Budh challóideach leat breith ar an arán uaim: budh mhór leat mar dhuadh ort féin é. Is í an oidhche is callóidighe ag an nduine breóidhte, tá sé ráidhte riamh – "dhá dtrian galair an oidhche": is déine air. Níor challóideach liom aon rud, dá dheacracht é do dhéanamh ar do shon; sin é mo chion ort: ní chuirfeadh sé mairg orm. Nách callóideach na bróga iad san ort, trom, rómhór, tútach, connus shiubhalair ionnta? bróga gur clampar a gcaitheamh 'sa n-iomchar. Ní fheadar cad scéal ag an bhfear

gcéadna é, tagann gach aon rud callóideach air: lé ceal taithighe nó eólais ní féidir leis faic do dhéanamh gan duadh a's clampar. Fear chómh láidir sin dob eadh é nár callóidighe aige fiche cloch d'iomchar lé haon chloich amháin: níor dheacra ge n-a neart é.

callshaoth: *f.* (*doidhíochlaonuighthe*) míoádh, duadh thar na beartaibh, dubhais mhór, deacracht, cruadhtan, matalong, iomard, callóid, aindeise. Le linn mo thúis óige bhí tuinncéir sa Daingean gurbh ainm do "Callshaoth". Tugadh an tseachainm sin ar an nduine bocht toisc a mhinicighe bhíodh iomard éigin air nó é in achrann na dlighe trí bhreis dúlach san ól. Duine fíormhacánta dob eadh é, bádhadh i mBaile na nGall é [budh chóra a rádh go bhfuair sé bás de dheascaibh iomad sáile do dhul n-a bholg ó bheith dhá thumadh san bhfarraige agus é d'iarraidh dul go Mearaice (dar leis) i mbosca follamh éisc de dhruim na dighe!]. Ní mór an callshaoth do rug riamh ort – cá raibh do chliabh droma, do bheart, do chéachda, do speal ná do ránn? an duadh. Á, an duine bocht, tá sé an-bhreóidhte, is eagal liom gurb é callshaoth an bháis atá air: tuargaint agus duadh an bháis. "Féach callshaoth!" deirtear le stracaire go gcuirfeadh a chlódh 'n-a luighe ort go raibh droichíde beartha air. Callshaoth éigin atá beartha ar an dtraen nách bhfuil sí annso anois a's é thar am aice: tionóisc, moill gan choinne, rud éigin a choisc í. Ní ghoirteóchaidh sé é féin in ao'chor, ní duine é chuireann aon challshaoth air féin: duine aireach, cúramach. Ní raibh an fear céadna in aon áit riamh ná beadh callshaoth ann: achrann, buadhairt, clampar. Me go seascair annso cois teine nách é an callshaoth é go gcaithfead dul amach san anaithe sin: nách í an deacracht í. An scraiste aindeis chaith sé an oidhche fhada ar an sráid fé'n sín gan bheith istigh aige ó aonne, nách air bhí an callshaoth? is é d'fhulaing go corpardha. I ngach callshaoth bíodh do muinghin i nDia: buadhairt. Cad chuir id cheann go raibh aon challshaoth idir mise agus an fear san? toisc go rabhamair ag spochaireacht ar a chéile? argóint nó toirmeasc. "Bhuail an capall speach air a's briseadh a chos" – "mo thruagh é, tá an callshaoth ghá leanamhaint riamh": an aindeise, an mío-ádh. Dá mhéid callshaoth do rug air, é ghonadh trí h-uaire, dhá bhliadhain 'n-a bhráighe, agus a chuid ar fad d'imtheacht lé gaoith, níor fhág sé mágáine air: is cuma cad é an méid ósbairt agus treascairt do baineadh as níor fhág sé aon rian air féin ná ar a spirid. Callshaoth seadh beatha teachtaire siopa sa chathair, amuigh fliuch, salach, moch, déidheanach: obair dhian, dheacrach gan sos. Tá mná ann gur mór an callshaoth dhóibh clann do shaoghalughadh: duadh 'n-a luighe seóil. Rug callshaoth maith orm d'iarraidh an cnoc do chur díom sa doircheacht ar dhrochchasán: budh dheacair dom meabhrughadh go cruinn agus fanacht ar m'eólas gan dul amugha ná tuiteam. Ná bíodh aon callshaoth eadraibh agus déanfaidh sibh go maith: réidhtighidh.

callshaothach: *a.* duabhaiseamhail, clamparach; mío-ádhmharach: deacrach; diachrach. Oidhche challshaothach ar an mbóthar aca dob eadh í, an gluaisteán ag síorstad ortha: ní gan duadh a's ciapadh do shroicheadar an baile nó a dtriall. Cá bhfuil obair is callshaothaighe 'ná bheith ag iomchar ualach droma? obair a chuireas duadh ar an gcorp. Choidhche ní gheárrfá an bíoma san le tuireasc callshaothach gan faobhar mar é sin agat: tuireasc lochtach, agus dá bhrigh sin míofhoirtil. Tír challshaothach seadh an Fhrainnc lém chuimhne, an uile lá bíd in achrann poilitidheachta sa bhaile nó ag spochaireacht lé tír éigin iasachta: dúthaigh neamhshocair, bhuadhartha. Níl aon chúis ghearáin ag an té a bhíos ag obair istigh sa gheimhreadh, is neamhchallshaothaighe é ná don té bhíos ag obair

amuigh: is neamhdhéine ar gach slighe é. Cuan callshaothach seadh é, níl greim maith ancaire ann, agus is deacair teacht isteach ann do longaibh móra ach ar leathuisce: cuan neamhoireamhnach. Ná bí chómh callshaothach san orm, dein deifir a's ná moilligh me: ná cuir as dom trí mhoill. Is callshaothaighe 'ná mar is dóigh leat na peictiúiridhe sin go léir do chrochadh 'n-a gceart, so-amhairc: téidheann cuid mhaith céirde chun a dhéanta.

calltar: *f.1.* an t-iarann go ndéanamh scine air anuas ón mbéim ar chéachda agus a ghearras an fód. A dhuine, calltar fir seadh do mhac: fear cruaidh, láidir, fuinneamhail. "Nách é an calltar agam é" deirtear lé duine daingean gur deacair a chorruighe.

calm: *a.* ciúin, socair, láithreach. Muir chalm chómh sleamhain le gloine: ciúin. Nách calm atáthaoi, a chuideachta? ciúin socair gan chainnt, mar beidhfí ar thórramh.

calm: *f.1.* ciúnas, socaracht ar muir (go mórmhór) a's ar tír. Nách é an calm é? tá an fharraige gan cor aiste, mar bheadh leac oidhir, nó chuirfeadh sí uachtar leamhnachta nuadhchrúidhte i gcuimhne dhuit. Deirtear leis, "tá an plána ar an bhfarraige": a h-uachtar chómh mín lé h-adhmad bheadh tréis a phlánuighthe. "Stoirm shamhraidh nó calm geimhridh" (seanfhocal): ní mhairid i bhfad. Calm mór gan braon ar an gcloich: gan oiread corruighe sa mhuir a's go mbrisfeadh uain dá luighead go dtiocfadh oiread do bhaise de chubharán bán uirthe. Ná bíodh aon iontaoibh agat as an aimsir, níl ann ach calm geimhridh: aimsir nách gnáthach léi maireachtaint i bhfad.

calma: *a.* cródha, misneamhail: deaghfhéachain, so-amhairc. Ní mhairfeadh ach treabh chalma san bhfiadhantas agus bochtanacht talmhan san cois mara: daoine dochaithte, fuilngeacha. Capall calma seadh é, nách bhfeicir go dtreabhann sé 'n-a aonar? ainmhidhe láidir, acfuinneach. Triúr calma dob eadh iad agus an ball do sheasamh in aghaidh dhá chéad den namhaid: cródha, misneamhail, sár-mhaith. Budh chalma chuireadh sé chun bóthair: áluinn lé n-a amharc air. Bád calma fé n-a chuid anairte seadh í: cuma líomhtha, soghluaiste, intseólta uirthe. Rithis an rás go calma: chuirfeadh sé breághthacht ar dhuine bheith ag féachaint ort. Obair chalma: thaithneamhach.

calmach: *a.* misneamhail. Ní dhéanfadh Éire dhe ach fear calmach é féin do theilgean isteach 'on bhfarraige fé n-a chuid éadaigh chun duine eile do shaoradh ó bhádhadh: fear misneamhail, neamhleithreachais. Gan ann ach garsún beag óg budh chalmach do chur sé chun a dhreathár a's a dhribhshéar do chothughadh: mar chuirfeadh duine budh mhó, budh láidre, dob aosta 'ná é.

calmacht: *b.3.* neart antréan, cródhacht, misneach gan chuimse. Ní gan calmacht fear do cuireadh na bóirneacha móra san os chionn a chéile: neart dochuimsighthe. Mara mbeadh calmacht ár gcineadh ní mhairfimís tríd an anacracht do rug ortha: fulang iongtach agus do-chlaoidhteacht. Lé calmacht a ghéag do dhein sé talamh mín de ghairbhthean achrannach cnuic: neart agus buaineacht a iarrachta. Long (gluaisteán, bórd etc.) go bhfuil calmacht innte seadh í agus é teasbánta aice: fulang tathag: i ndán caitheamh maith do thabhairt uaithe.

calmughadh: *f.* (*-uighthe*) neartughadh, misniughadh. Cuirfidh aer na mara calmughadh sláinte ort: neartóchaidh thu. Is ag calmughadh atá an camplacht poilitidheachta san: ag leathanughadh 'sag méadughadh. Dá mhéid fear a bhí dhá chailleamhaint aca is ag calmughadh do bhíodar: ag dul i ndóchas a's i misneamhlacht. Is mór an calmughadh air i súilibh a lucht ceannais an obair mhaith do rinne sé i rith na bliadhna: an daingniughadh.

calmuighim: *b.a.* neartuighim, misnighim. Tháinig creathaidhe fuachta orm, chaitheas gloine bhrannda, chalmuigh san me: chuir san spionnadh ionam. Eagla a dhóthain a bhí air ameasc a namhad, go bhfuair sé amharc orm, do chalmuigh san é: chuir san misneach a's dóchas ann. Tréis ola dhéidheanach do chur air agus a shíothcháin lé Dia do dhéanamh do bhraith sé anchalmuighthe roim an mbás: láidir, doi-eaglach. Calmóchaidh an t-airgead so thu san áit iasachta san: tabharfaidh sé misneach duit.

cam: *a.* gan bheith díreach, cas, casta, mícheart, cealgach, fealltamhail, lúbtha. Duine chómh cam lé snáithín stoca nách iontaoibh d'aonne beó: duine nách ndéanfadh beart mhacánta dá n-oireadh a mhalairt é féin. Budh cham liom é chun aon chonbharsáide ná coidrimh do dhéanamh leis, do bhuail sé an bob ar fiche duine: budh mhíomhacánta. Seachain an bóthar (bealach) cam: bí macánta, ionraic id bheartaibh lé cách. "Níl aon cheal airgid ar an dtighearna (talamh)" – "níl, sin é ná an t-airgead cam": nár fríth go macánta. Rud cam do airgead do thógaint ar iasacht agus gan é d'íoc agus é ar a chumas: rud éagcórach. Gura beó samhluightear é, tá súile cama a athar aige: tá fiarshúilidhe ann, súile casta gur dhoigh leat nách ort bheidís dírighthe nuair dob ort. Bíonn gob cam ar fhiolar casta (anuas); cor cam i ndubhán: lúb. Tá cor cam n-a dhrom ag tinneas: níl ann seasamh díreach. Budh iomdha cor cam a bhí i mbolg an bhitheamhnaigh: cleasa, iarrachtaidhe nó bobanna míchearta. Imirt cham! caith suas do chártaidhe: imirt éagcórach etc. Puill chama seadh ropach coinínidhe: puill go mbíonn cuir anonn agus anall ionta. Céaca den dís is caime aigne? céaca den mbeirt is iomdha a dhéanfadh feall. Táir ag imtheacht cam léd láimh: pé rud atá dhá dhéanamh agat níl sé dhá dhéanamh 'n-a cheart agat. Ní mór cor cam i mbéim céachda: déanamh na lúibe fairsinge. Mara mbeadh gur chabhruigh na cosa cama leis ní ruaigfeadh sé an dochtúir ón mbaile: na tasaidhthe mhíomhacánta. Treabhadóir neamhshlachtmhar, féach an scríobh cham atá 'n-a dhiaidh: an fód iompuighthe go bhfuil cor anonn agus cor anall ann. Díolamhnach nár cham leis do sparán do sciobadh: ná bíodh aon mhairg tríd air. Béarfaidh do bhóithre cama chun na croiche fós thu: gníomhartha agus bearta míomhacánta. "Comh cam le hadhairc reatha", "chómh cam le snáithín stoca", na canamhna a chialluigheas míomhacántacht agus cealg aigne.

cam: *1. agus 3.* lag nó clais nó cumar cnuic, lúb, cor: cleasaidheacht, cealg, míomhacántacht, casadh. Ní chuirfinn a mhalairt fé thuairm Shasana, tá an cam riamh 'n-a diaidh: an chealg, an mhíomhacántacht. Bheinn ag brath ar Shéamas go gcóimhlíonfadh sé a gheallamhaint, níl aon cham ann: duine gan feall, go n-inntin agus gníomh cóir, ceart. Sin cam in aghaidh an chaim agat – ghoid Tadhg ó Shéamas an t-airgead do ghoid seisean ó Sheán. "Cor in aghaidh an chaim agus cam in aghaidh an chuir" – seanrádh: beart olc do dhéanamh i gcúiteamh droichbhearta, agus cealg i gcúiteamh ceilge. Lé cam do chuir Sasana an Margadh orainn: lé bagairt "na láimhe uachtaire". Ní cam go dtí thu ag imirt cártaidhe, tá ceilte trí huaire i ndiaidh a chéile agat: lúbaireacht, míochóir. Bain

an cam as an leanbh san nó déanfaidh droichfhear de: gníomhartha nách ceart. Dá mhéid príosúin do fuair sé as a dhroichbheartaibh, ní bhainfeadh an diall féin an cam as a chroidhe: an fonn an neamhionraicis. Lonnuigheas na bliadhanta buana i mbothán uaigneach i gcam cnuic ó shúil peacaigh: idir dhá chliathán árda cnuic: cumar. Caimín ubhall (deirtear freisin) caimín garbh?: an baile is iartharaighe ar mhíntír na hÉireann. Níl cam a dóthain sa ráinn sin chun rómhair: níl a cion casta innte (ródhíreach, nidh nách maith). Chuir an leabaidh cam 'n-a mhuineál: cor nó casadh. "Cad é an saghas daoine a ghnáthuigheas an ghnáthóg amhrastamhail seo?" – "idir dhíreach agus cham": daoine maithe agus daoine olca. Gan an cam do bheith i ndubhán ní iascóchadh sé: gan an cor nó an casadh go mbíonn an rothag air. Táthar ag leagadh na gclathach chun an chaim do bhaint as an mbóthar: an cor. Briseadh mo chos, shlánuigh sí ach ní go díreach é, bhris an dochtúir airís í chun an chaim do dhíriughadh: an cor do bhaint aiste. Is mithid cam na h-aoise bheith ionam anois: cromadh. Chuir an dlighe ó cham é: as a dhrochoibreachaibh do tháinig an dlighe chómh dian san air gur bh'éigean do atharughadh. Bhíodh cam 'n-a hata le gaigidheacht: bhíodh maig aige ar a hata go mbeadh cuma chor air lé hata aonne eile. Ní hé an cam a bhí 'n-a shúilibh nár thaithnigh leis ach an bhuidheacht a bhí 'n-a chroiceann: an fhéachaint a chuirfeadh in iúil ná raibh sé macánta (nó an fhiarshúil a bhí aige). Faid bheidh deóir im shúil cuimhneóchad ar an gcam, me do mhaslughadh tréis mo choda do chaitheamh go rabairneach leis: an chalghaois, camastghal. Ní ó dhúthchas do thug sé an cam leis ach é do bhriseadh amach ann féin: sé an chéad duine dá threibh é a bhí calaoiseach, mídhílis. Bain an cam as do chosaibh: dírigh iad: ná bídís craptha.

camá: cé an fáth, cad is bun lé? Camá ná pósfadh fear ach an bhean dob áil leis féin? cad é an chúis ná etc.? Camá an gleódh so go léir i mí mhairbh na hoidhche? cad is cúis leis? "Bead ag fágaint na háite seo ar fad?" – "camá?" cad chuige? cad é an chiall atá leis? Camá ná beadh cion agam ort, nách gairrid é mo ghaol leat? is follus gur ceart dom é. Camá ná téir chun dochtúra éigin leis an súil tinn sin? budh cheart duit dul ar eagla conntabhartha dhi. An biadh a bhí lé beirbhiughadh agat dom ní hé seo é, camá san? tuige nách é? Camá mise do mhilleánughadh seachas aonne eile? cad is bun lé spriochadh orm-sa as an gcuid eile?

camadghail: *b.3.* feallchleasaidheacht, calaois, bobbhualadh. Lé camadghail chainnte agus peictiúiridhe bréige chuir sé 'n-a luighe orm gur ó Bhaile na nGall é. Bréagchainnt bhladardha. Ní gan camadghail do dhíol sé an bhó 'n-a h-ainmhidhe ionlaoigh a's gan laogh innte. Leig sé air lé n-a chuid camadghala go raibh a mháthair tréis bháis d'fhonn airgid d'fhagháil chun a bheartha abhaile. Nár mhór an chamadghail don té thug cuireadh bídh dom agus a leig air annsan go raibh sé chómh dealbh léd bhais? cleasaidheacht shuarach, neamhghalánta. Lé camadghail buaidhtear rás capall go minic: congaibhtear an capall is fearr siar nó tugtar cogasaidhe dho a bhaineas do choisidheacht nó déintear beart éigin mícheart in aghaidh an phobail. "Camadhgail a thugas duine chun na croiche": déanamh bearta míomhacánta a chuireas duine in iomar na haimléise.

camadh: *f.* (*-tha*) lúbadh, cromadh, do chur i gcor, olc do dhéanamh: do chur as chuid mhín mhacánta dhuine féin. Tá sé ag camadh, mhuise, 'sis mithid do san: ag lúbadh leis an aois. Nuair chuirfeá an ceann (tíre) ó dheas díot beadh an cósta ag camadh ort: lúb isteach a's lúb amach ann. Lé haois bhí crúbadh an asail ag camadh anáirde: ag fás

anáirde agus cor ionta. Thug an bitheamhnach deich mbliadhna ag camadh ar a chómhpháirtidhe gnótha, a's ghá chreachadh, agus eisean lánmhuinghineach as: ag fealladh air. Trí chamadh ar lucht cáirde seadh bhailigh sé an t-ór ar fad: gan a gceart d'íoc leó. Mara mbeadh nár mhaith liom camadh ort d'fhéadfainn cuid ded chuid airgid do chúbláil chugham: fealladh. Fuair captaen an bháid iomláin an airgid as shaoradh fóirne luinge agus b'fhuraiste dho camadh ar a chuid féin fear, mar nár bh'eól an tsuim: roinnt neamhchodruma do dhéanamh air. Camadh ar na loirgnibh agat ná fanfadh socair: cor go dtagaidh ionta.

camaim: *b.a. 7 n-a.* lúbaim, cromaim, fiaraim, déinim calaois; crapaim. Níor ghádh dhuit acht camaim súil air nuair lasfadh sé lé droichmhianach: luighim mo shúil. Ar an tslighe cham sé a shúil orm ag gabháil tharm d'aithnigheas air gur theastuigh uaidh labhairt liom: an tslighe do luigh sé nó chrap sé í. Do cham a chreat leis an aois: tháinig cor ann. "Ní chamfad pingin oraibh, a bhuachaillidhe", ars an t-árdbhitheamhnach lé n-a bhuidhin agus iad ar tí fogha thabhairt: gheóbhaidh gach aonne agaibh a chuid féin den slaid. Is beag shaoileas go gcamfadh an teachta dála orainn agus iompódh leis an dtaobh eile tréis a thoghtha dhúinn: go ndéanfadh sé beart míomhacánta mar sin: go bhfeallfadh sé orainn. Chamfadh sé ar a mháthair: is indéanta aige rudaidhe ansprionnlaithe. "Inneósfad an fhírinne ghlan", ars an bráighe, "ní chamfad aon fhocal": ní bheidh aon dá bhrigh lém bhréithribh. Stad anois, ná cam an chainnt a thuilleadh, is léir gur bréag atá agat": ná déin iarracht ar chor do chur innte chun malairt céille do thabhairt di. Camfaidh na cosa fút fen ualach guail sin: tiocfaidh cor ionta le stros. Chamfadh an solas láidir a bhí ag teacht ó lochrann na luinge na súile ionat: ghoirteóchadh, i slighe ná féadfá féachaint go díreach cruinn 'n-a dhiaidh. Camtar an dair láidir lé n-a cur ar bogadh i malluisce: lúbtar. Dá mhéid ar deineadh duit agus dá mhéid cion a bhí ag na daoinibh ort ní raibh aonne a tháinig treasna ort ná gur chamais air: go ndeárnais an feall air. "Camann an saoghal ar an nduine macánta": is furaiste bob do bhualadh ar an nduine gan urchóid. Is é dóigh gach aonne glic, sainnteamhail é do shíor. Ná cam an bata nó brisfir é: ná lúb é. Fág ar mo bhuille anois mé, ná cam me: ná cuir me as an mbealach ar a bhfuilim. Camfaidh na cosa aige sara raghad-sa ag déanamh uanaidheachta air: beidh sé tamall fada ag feitheamh liom etc. Bhí mo shúile cam ag faire an rabhais ag teacht? do tháinig tuirse ortha etc. Connluigh tú féin, cam chughat do chosa: crap iad i slighe nách mbeid ag teacht treasna ar aonne. Duine chómh droichmhiantamhail sin seadh gur ar éigean d'fhéadfá do shúil do chamadh ach mar thiocfadh olc air: fear nách maith leis oiread agus féachaint air. Imir do chártaidhe i gceart, ná cam: ná déin éagcóir.

camalama: *f.4.* scéal nó eachtra nách féidir aon tuigsint chruinn do bhaint as: duine neamhchríochnamhail; tuathalach: rud bheadh déanta go neamhshlachtmhar. Dá mbeadh sé ag breacadh a scéil go maidean dom ní dhéanfainn as ach camalama: scéal nách bhféadfainn do thabhairt chun cruinnis. Camalama go mbíonn a ghnóth ghá rádh do shíor leis: "fill orm": duine gan slacht; útamálaidhe.

camán: *f.1.* an bata cuir chaim agus bas air go n-imrítear iománaidheacht leis: aon rud go mbeadh cor cam ann. Deirtear "ní thabharfainn an rud san ar chamán ná ar liathróid": ní thabharfainn ar aon nidh é lé lúib istigh ann. D'fhág an dochtúir mo chos n-a camán

agam: níor shocruigh sé i gceart í agus tá cor cam innte ’n-a dhiaidh. Bead im chamán lém shaoghal age dathachaibh: ní bheidh ionam me féin do dhíriughadh choidhche airís.

camánmeall: *f.1.* luibh a fhásas go flúirseach in áiteannaibh ar thaobhaibh bóthair go mbíonn bolath an-bhreágh uaidh agus go ngnidhthear deoch dá bhláth. Tagann bolath chómh cumhra ó n-a cuid ime leis an gcamánmeall féin.

camar: *f.1.* cúláis ’n-a suidheann duine leis féin: seithleán (fé thalamh) chun uisce a’s salachair d’iomchar. Beidh an áit ’n-a chamar muna ndéintear a dhiúgadh: bréan salach mara dtairngtear an t-uisce dhe.

camarsach: *a.* casta (dlaoithe) fáinneach. Níl baoghal maoile uirthe, is uirthe atá an folt camarsach siar síos: trom, flúirseach, cas. Taithnigheann gruaig chamarsach le mnáibh.

camarthach: *a.* draosta, gáirseamhail, salach. Ná hinns scéal camarthach d’aonne, scanail seadh é: scéal neambanamhail. Mara mbeadh aigne chamarthach do bheith aige ní bheadh cainnt gan srian aige: aigne gur binn léi scéalta nó cainnte neamhghlana do chlos.

camarthach: *b.3.* striapach, bean choitcheann. Ná scaoil do rann (peann, rothar, etc.) ’n-a chamarthaigh ag an saoghal mór: ná tabhair a h-iasacht do gach aonne a loirgeas í.

camas: *f.1.* locht, easbaidh; míomhacántacht; lúb. Dá mhéid camas aca ar Éirinn, ghá rádh go mbíonn sí fliuch, nách bhfuil aon obair innte agus mar sin de, ní fhágann siad í. Lé camas do bhailigheadar a gcuid airgid, d’iadhadar ar mhórán go raibh fiacha aca ortha: gan gnóth macánta do bheith ar siubhal aca. Níor mhór do thiománaidhe bheith aireach ar chamas an bhóthair sin: cuir ann atá conntabharthach.

cámas: *f.1.* ag fágháil lochta; lán; maigeamhail. Ní bhlaisfeadh sé iasc lé cámas, dar leis nách bhfuil sé maith a dóthain do: éirghe anáirde agus meastamhlacht gan bhun. Cad é an cámas so agat ormsa ná rinncfeá liom? cad é an locht tarcuisneamhail é? Ag tagairt do dhuine is deacair do shásamh go mbíonn táir maidir le locht aige ar gach aon nidh mar bheadh fáslach dhuine deirtear i dtaobh a mheóin, “nách é an cámas é”. Daoine mórchúiseacha go mbíonn cámas aca ar gach aonne a’s ar gach aon rud: go ndéinid beag des gach aon nidh a’s gach aon nidh. Ní leigfeadh an cámas do anois a admháilt go raibh an éagcóir aige: tá oiread sin measa aige ar a thuairmidhibh seach tuairmidhe dhaoine eile. Ní chuirfinn mo chuid oibre fé n-a bhrághaid sin, dá me thu, tá an iomad cámais ag baint leis: duine tugtha do bheith ag fagháil locht.

cámasach: *a.* tugtha do bheith ag fagháil locht, róbheacht, lánmhar, maigeamhail. Dá mbeitheá gan bheith chómh cámasach orm dhéanfainn a dhá oiread oibre dhuit: beachtach, lochtach. Ar thugais fé ndeara, ní mór gur thóg sé aon cheann díom an ruidín cámasach: duine suarach a bhíos ag aithris mórdhachta. B’fhuraiste aithint nár thaithnigheas leis le fada mar bhíodh sé an-chámasach ar mo chuid oibre: dian agus ancheanamhail ar locht d’fhagháil uirthe. Duine cámasach seadh an cinnséir atá againn: tugtha, róchlaon ar locht d’fhagháil ar aon nidh cuirtear fé n-a bhrághaid. An dtugair fé

ndeara an tslighe chámasach ólann sí as an gcupa? ag dúmas slighe nách dual di: ag leigeant uirthe go forcamásach.

camasghail: *b.3.* calaois do chur ar dhuine, baint mhíomhacánta, cam conbharsáide. Trí chamasghail neamhnáireach do bhain Sasana amach an India Mhór: le cleasaibh cama. Má bhíonn aon chamasghail ar siubhal san imirt seo, ceileabhradh nó cómharthaidhe éireóchad aiste: míomhacántacht. "Níor scar an chamasghail riamh leis", deirtear lé duine gur minic aige rudaidhe éagcóracha do dhéanamh. An rud nách bhfaigheadh sé le cóir gheobhadh sé le camasghail, sin é mo mheas-sa air: duine gan aon choingsias, gur cuma leis cad iad na cuir budh ghábhadh chun a bhearta do shaothrughadh. Má dubhradh gur chun mo leasa féin do theastuigh uaim do bheith sa Dáil bhítheas ag camasghail orm: ní h-é an t-adhbhar adubhradar do bheith agam a bhí agam. "Dhearbhuigh sé gur ghaibh an fear a leag é tharais a's gur fhág 'n-a shliast mharbh ar an mbóthar é" – "sin camasghail anois": bréag, cor claon sa scéal seachas mar bhí i bhfírinne.

cam-asna: *b.4.* an t-asna is íochtaraighe: easna láidir: neart an domhain uile atá ann, fear cam-easnach seadh é. Braith na cam-asnaidhe atá aige: láidre, dolúbtha.

cam-bhóthar: *f.1.* bóthar neamhdhíreach: slighe aigne nách fóghanta. Anuiridh bhís le lucht sclábhaidheachta, roime sin bhís lé feirmeóiridhibh anois táir i gcoinnibh an dá dhreama – níl eolas do cham(a)bhóithre agam: do luaithinntin nách bhfuil cóir ná ceart. Dá mbeadh eolas cambhóithre an fhir sin agat-sa mar tá agam-sa ní mheallfadh a chuid bladair thu: a theanga liom leat. Cuir uaim do chamabhóithre, agus tabhair dhom mo chuid mhacánta féin: leathscéil gan deallramh: iarrachtaidhe ar a dhualgas do shéanadh. Dá mbeadh an t-aturnae ghá cheistiughadh go gcuireadh Dia fios air ní bhfaigheadh sé ón bhfiné ach camabhóithre: freagraidhe ná ciontóchadh é. Tá camabhóithre na croiche fút: bearta gur ró-chonnthabharthach duit a gcoidreamh i bhfad.

cam-chóch: *f.3.* sidhe obann tréan gaoithe 'n-a bhalc go glórach, ruailleach. Lé linn anfaidh tagann de dhruim cnuic agus bailigheann roimis díon tighthe, arbhar, a's féar as iothlannaibh, agus ar an bhfarraige tagann barra geala uirthe agus árduigheann chun siubhail an sáile 'n-a cháith, agus stracann seólta bád a's long mar stracfá beaifitidhe. Sciob camachóch mo hata dhíom: gaoth shotlach. Tighthe ag bun cnoc bíd fé léidh camachóch: camachóca is gnáthaighe ann: gaoth shalach, chas, ghlórach i mbalc. Do stiall camachóch an seól 'n-a strácaidhibh ón gcrann. Luigh an long fé fhaobhar na farraige leis an gcamachóch a's mara mbeadh gur bhris an crann ní éireóchadh oidhche camachócha.

camchos: *b.2.* cos agus cor innte. Tairng chughat as mo shlighe do chamachosa: cosa (nách mbeadh cam) bheadh ag teacht treasna agat ar dhuine eile. "Léan id chamachosa!" deirtear lé duine a shatlóchadh ort, a shiubhalóchadh ar rud shoibhriste nó mar sin.

cam(a)chosach: *a.* go gcosaibh cama. Ní riamh fear cam(a)chosach ach fear láidir: fear go mbeadh bótharghal ann.

cam(a)chuaird: *b.2.* cuaird, siubhal nó taisdeal gan aon triall nó aidhm áirighthe leis; gluaiseacht gan aidhm ar fuaid áite. Tabharfad camachuaird fén bparóiste thuaidh Dé Domhnaigh, is fada go rabhas ann: gluaisead rómham ó bhall go ball gan aon chúram nó aon dhuine ná áit áirighthe im aigne agam. Duine mórshiubhaltach seadh an Séamas céadna agus is iomdha eachtra a bhuaileas leis ar a chamachuairdibh: taisdeal annso a's annsúd 'sag cainnt lé haonne a's gach aonne a chainnteóchadh leis. Dá mbuailteá isteach go glic ar chamachuaird chúcha b'fhéidir gur dhóigh leó nách ag boladhghal eólais do bheidhfeá: cuaird a thaidhbhseóchadh gan aon bhun léi. Lá dá rabhas ar thuairisc mo dhreáthar (atá tamall ó bhaile) thugas camachuaird ar aitheantas dom sa teórainn aige: cuaird mhuinnteardhais. Tugann an cigire camachuaird ar an scoil uaireannta: cuaird gan aon bhun áirighthe léi. Ní fheaca an loch riamh, tugaimís camachuaird uirthe Dé Domhnaigh: buailimís ann ar ár suaimhneas aon treó gan aon adhbhar ach í d'fheicsint. Fear scéaltach seadh é, is minic ar camachuaird é: ag tabhairt geábhanna thall 'sabhfus gan aon mhórchúram.

cam(a)chuairdeach: *a.* tugtha do cham(a)chuairdeannaibh. Ní bheadh thiar ar do ghnóth dá mbeitheá gan bheith chómh camachuairdeach: bheadh do ghnóth déanta ach gan bac leis na turasaibh neamhthairbheacha so.

cam-earball: *f.1.* earball cam. Ní fheaca riamh thu ach cam-earball ar do ghnóth: rud éigin ar easbaidh nó ar mícheart. Cad é an cam-earball ort anois go bhfuil an t-imshníomh ar fad ort? cad é atá ag dul díot nó ag cur as duit. Ná fág aon cham-earball ar aonnidh id dhiaidh, bíodh an uile rud i gceart 'si gcóir agat: easbaidh, easnamh.

cam-earballach: *a.* easbaidhtheach, neamhchríochnamhail i ngnóth etc. Dá mbeinn chómh cam-earballach leis an bhfear nár chómhla thaisceadáin an airgid bheadh cúid éigin ghearáin orm. Rud liobarnach atá ionat gach aon ghnóth go dteangbhaidhir leis bíonn sé camearballach id dhiaidh.

cam(a)ghaoth: *b.2.* gaoth ná tagann glan, gaoth mar thagann de dhruim cnoc ar thalamh íseal. Ní lé holcas na talmhan ná bíonn barraidhe maithe san áit seo ach de dheascaibh camaghaoithe a scriosas ón gcré suas iad: gaoth chas a bhíos anláidir. Ní leigfeadh eagla camaghaoithe dhom bhualadh amach, mar bhí slinn go flúirseach ag imtheacht des na tighthibh: cócha láidre obana. D'árduigh an chamaghaoth seol an bháid 'n-a ghéiridheachaibh léi: siolla oban fíochmhar. I ngabhalaibh cnoc is gnáth camaghaoth.

cam(a)ghaothach: *a.* cam(a)ghaoth nó gaoth shalach, chasta do bheith ann. Áiteanna camaghaothacha seadh sráideanna cathrach: gluaiseann an ghaoth i ngach aon pholl a's póirse gan í do bheith ag teacht díreach ó aon áird áirighthe. Baineann feóthain chamaghaothacha préamhacha craoibhe agus aitinn as thaobh cnuic, sciobaid an ceann de thighthibh, fuaduighid iothalaintidhe, tógaid uisce cáithte san aer a's stiallaid an anairt de longaibh. Tá camaghaothach ann: gaoth chas. Lá camaghaothach.

camhaoir: *b.2.* $_{7}$ *5.* breacadh an lae: fuinneóg an lae: an lóchtaint: tuitimín oidhche: an chróntráth, eascar lae gus oidhche. Ní fhéadfainn a thabhairt chun cruinnis ar fhear ná garsún a bhí ann toisc camhaoir na hoidhche bheith ann: déidheanaighe an lae agus túis

oidhche. Chonnaic sé an long ag tuiteam ar an talamh lé camhaoir an lae: díreach agus an lá ag briseadh. Is aoibhinn liom siubhal cois mara leis an gcamhaoir: an tráth gur deacair na rudaidhe id thímcheall do thabhairt chun cruinnis [taithnigheann fuaim an fhocail seo leis na daoinibh, is minic do chuala iad ghá mheádh ar an dteangain].

camhartha: *a.* domblasta, blas teimhealuighthe. Cuireadh a luighead san salainn ar an iasc go bhfuil blas camhartha (camhraithe) air a's gur deacair é d'itheadh: domblas, blas míothaithneamhach. Dá mbeadh uachtar in aice aonnidh go mbeadh boladh uaidh (mar oíle) bheadh blas camhartha ar an ím do dhéanfí as san. Níl goile róláidir aige, gheibheann sé blas camhartha ar gach rud coimeádta i stán: blas neamhnádúrdha.

camhcaid: *b.2.* cnapán beag; rud beag, duine beag mealuighthe. Seachain uaim, a chamhcaid, ní fhéadfá an t-ualach san do thógbháil choidhche: smithire duine gan anam. Cuir clódh ceart oibre ort féin agus caith uait an chamhcaid pinn sin: an peann gan mhaith. Camhcaididhe bróg etc., etc.

camloirgneach: *a.* go loirgne (lurgaidhe) cama. Do chapall chamloirgeach mar é a shiubhaladh go neamhshlachtmhar, b'éachtach an neart a bhí ann. Ainmhidhthe camloirgneachta seadh camaill.

camlorga: *b.5.* (**camloirgne**) lurga nách mbíonn díreach, feac (ráinne, sluaiste etc. bheadh cam). Ní slachtmhar do shiubhalann fear camlurgan: cosa nách mbíonn díreach. B'é locht a bhí aice air, a chamlurgaidhe: gan cnámha díreacha do bheith fé.

cam(a)-lúb: *b.2.* duala, fáinnidhe (folt) cuir ghroda. Díreófar na cama-lúba san sa bhóthar nuair bheidh rian fágtha ar na daoinibh aige: bainfear na cuir ghroda, ghearra as etc. Ní réidhteóchadh aon chíor camalúba a cinn táid chómh muirearach san: folt anchasta. Níl camalúb 'n-a bholg an cladhaire nách eol dom: cleasa cama droichbheartacha. Chas an phiast na líonta ar a corp n-a camalúbaibh nár bh'fhéidir a réidhteach: cuir chrosta, achrannacha. Cuir uait do chamalúba, agus bí macánta: cleasa neamhionraice. Ní misde dhom me féin do sheachaint ar chamalúbaibh droichtheangbhálaidhe: cleasa míleasa.

cam-mhuineálach: *a.* go gcuir san muineál. Nách mór an ósbairt do fuair sé nuair thuit sé den dtigh go bhfuil sé cam-mhuineálach ó shoin: casadh cam san muineál.

camóg: *b.2.* tonnta nó uaineacha beaga a bhíos ag briseadh, dual cas, gruaige, maide nó slat go mbeadh cor ann: cleas, feall. Nár bh'ait leat é do bhádhadh lá gan suathadh ach go raibh camóga beaga ann: uaineacha beaga briste gan fuinneamh. Dar leis na cailínidhe gur gruaig dheas aon ghruaig go mbíonn camóga innte: duala fáinneacha. Dheineadh sé camóga des na maididhibh rámha lé neart a bhuillidhe: churieadh an luighe cor cam ionta. Nuair bheadh an chamóg léd chluais agat chloisfeá glór go saoilfeá gurbh é glór na mara é: iasc sliogánach ar nós silimide. D'imir sé camóga ort, d'inns sé dhuit nách mbein annso tréis me ghá radh leis: cleas.

camógach: *a.* cas; casta; dualach; mealltach; lúbach. Ní róshubháilceach snámh i bhfarraige chamógaigh: tonna ag briseadh. Tháinig tonn (uain) mórchamógach orm a mhúch mé: tonn go raibh cabha mór air a ghaibh lastuas díom. Budh dheacair aonnidh bheadh amugha d'fhagháil ameasc na gcnoc gcamógach: cnuic go mbíonn lúba agus cumaracha ionta. Nách taithneamhach é a ceann gruaige féach na dlaoithe camógacha atá siar síos léi: fáinneach. D'iarraidh thu do chur amugha do bhí sé lé cainnt chamógaigh: cainnt nách raibh ghá rádh lé hinntin ghlan.

campa: (**camtha**) *f.4.* foslongphort saighdiúiridhe; an áit go gcuireann arm a bpobail 'n-a seasamh; na pobail féin; gasra mhaith fhear. "Tiocfaidh an Franncach anall thar caladh, a's a chamthaidhe daingean láidir" – amhrán: gasraidhe tréana saighdiúiridhe Franncach. Budh bhreágh an camtha fear a thagadh chun aifrinn i nDún Chaoin nuair bhíos im rud bheag: sluagh fear. Chuir camtha tuinncéiridhe fútha sa ghleann airéir: cuid mhór. Cuirtear an camtha ar bun in áit nách bhfuadófar é: na pobail, na botháin anairte. Ní h-aonne amháin a bhí ag gabháil orm ach camtha: scata mór. Ní gan camthaidhe táimíd, ná bíodh aon eagla oraibh roim an sluagh san: tá go leór lucht tacaidheachta againne leis, chun cómhraic. "An Camtha": ainm áite.

camra: feic **camar**

camrach: feic **camarthach**

camramhail: *a.* salach, bréan. Nuair bhíodh uisce an bhaile ag rith síos an tsráid budh chamramhail an bailtín é: salach.

camhrán: *f.1.* gearán trí mhóshásamh. É chur ó bhais go bais sé an dá mhar a chéile é, bheadh an camhrán céadna aige: ag gearán nách raibh déanamh ceart dhá thabhairt nó go raibh rud éigin thiar air nár chóir do bheith. Sin blúire aráin a's ime agat (do leanbh), a's ná cloisim a thuilleadh camhráin uait: gearán, cnáimhseán gan chúis. Cníopaire sprionnlaithe nách bhfeicfeadh a chroidhe ar a bhais aige a bhíodh ag síorchamhrán: míoshásta leis an saoghal, go raibh leathtrom éigin air ná raibh tuillte aige.

camhránaidhe: *f.4.* duine a bhíos ag ceasacht, ag gearán. Ní féidir a rádh gur airigh aonne riamh gur chamhránaidhe é, dá mhéid mí-sheól agus aindeise a thárlaidh do. Is tú an camhránaidhe gearrchaile is mó dár bhronn Dia riamh ar mháthair bhoicht: gearrchaile a bhíos do shíor ag cnáimhseán a's nách mbíonn sásta leis an saoghal a bhíos aice. Camhránaidhe maith i gcóir a choda seadh é: duine nách mbíonn leasc ar chúis ghearáin d'fhagháil chun é féin do chur chun cinn nó d'fheabhasughadh. Camhránaidhe fir, mná, leinbh etc.

camhránaidheacht: *b.3.* bheith ag fagháil locht ar do shlighe sa tsaoghal. Fuair sé cion fir a's níl sásta, caithfidh bheith ag camhránaidheacht: ag ceasacht. Ní cómhartha bochtanais camhránaidheacht aige: gan é do chreideamhaint go bhfuil bocht.

camhruighim: *b.a. 7 n-a.* lobhaim, iompuighim, iontrálaim. Camhróchaidh an t-iasc san cheal a chomhthruim salainn: tiocfaidh blas fuarghaothach ar an iasc gan a cheart salainn.

Chamhruigh an t-ím mar bhí boladh éisc guirt sa tseómra: d'athruigh a bhlas ar olcas. Camhruighthe nó úr glan d'íosfadh an craosaire sin an ghé fhiadhain: blas iontrálta bheith air.

camhruightheacht: *b.3.* domblastacht cheal leasuighthe. Maircréal seadh iasc go dtagann camhruightheacht go luath ann: iontrálann sé: tosnuigheann sé ar lobhadh. Tagann boladh camhruighthe uaidh, dá n-ithinn é sin chuirfeadh a chamruightheacht casadh im aigne: an blas teimhealuighthe atá tagtha air trí cheal leasuighthe: in am thiocfadh fonn úirleacan orm aige.

cam(a)shúil: *b.3.* (*-shúl*) fiarshúil (cam(a)shúilidhe, fiarshúilidhe): súil neamhchruinn: súil go mbíonn cor innte. Budh dhual dúthchas do camashúilidhe do bheith aige: an t-iomard céadna súl do bheith ar dhaoinibh a tháinig roimis. An camashúilidhe atá ort ná feicir an scilling annsan os do choinne? súilidhe lochtacha. Cuirfead-sa camashúilidhe ort mara bhfanair socair: cuirfead máchail ortha ná beidh radharc cruinn agat feasda. Ní fuláir nó is camashúilidhe éigin a bhí ort ná feacaidh me agus me ag beannughadh dhuit ar an sráid: ceal cruinnis radhairce. Fair an namhaid, ná tagaidís i ganfhios duit, ná bíodh aon chamashúilidhe ort: bíodh imshníomh súl ort ag faire. Léan id chamashúilidhibh ná féachann rómhat a's gan bheith ag satailt ar dhaoinibh: budh chóir duit féachaint rómhat níos cruinne. Chaith sé camashúil orm a chuir in iúil dom gur mhithid dom imtheacht: d'fhéach i slighe gur thuigeas gurb é bun a bhí aige leis me d'imtheacht.

cam(a)shúileach: *a.* go súile cama: fiarshúileach. Aindeiseóir camashúileach ná tugann aire dá chéim a shatail orm: tuathalach, coisidhe ná dearcann cá mbíonn sé ag siubhal. Ní féidir le duine camashúileach gluaisteán do thiomáint in achrann: duine ná bíonn radharc sa súilibh aige.

camsprot: *f.1.* droichthreabh, draoscar cinidh. Do chamsprot éigin iasachta dob eadh iad gur chuma leó cad dhéanfaidís, gan eagla Dé ná duine ortha: drochdhaoine a bhí dulta i dtruaillightheacht.

camstágach: *a.* go gcosa cama. Táim camstágach ó bheith suidhte chómh fada san ar an dtalamh cruaidh: níl ionam mo chosa do dhíriughadh 'n-a gceart. Camstágach ó rugadh é.

can: *r.fh.* gan. "Fear can (gan) bean, can (gan) clann, fear can (gan) beann ar aonne" [Is eól dom líon tighe áirighthe a bhaineas áis as an bhfocal "can" in ionad "gan" do shíor].

can: *f.3.* teimheal. Té chómh láidir sin dob eadh é gur fhág sé can ar an árus laistigh: teimheal nó rianán. Nigh tú féin, a rud shalaigh, féach an can atá ar do mhuineál: an salachar, "an barra taoide". Ní follamh bhí a bholg, chonnac can an leanna duibhe ar a phus: rian dubh. Ceanglóchaidh an can isteach ionat mara nglanair tú féin: an salachar. Can an bhóthair: rian, smúit shalach.

can: *f.3.* stáid, aiste. Níor tháinig sé chuige féin fós as an dtaom, tá sé ar an gcan gcéadna: ar an aiste chéadna, gan aon atharughadh. Lagughadh ná traochadh ní thiocfadh air dá mbeadh sé ag cainnt ó indiugh go dtí ambáireach, bheadh sé ar an gcan gcéadna: ar an

mbuinne chéadna cainnte. Caitheadh i ndíg é tréis a mharbhtha. Fágadh sa chan san é gur loibh sé: san áit agus ar an stáid. "Connus tá an duine breóidhte indiugh?" – "ar an gcan gcéadna": gan aon atharughadh, olc ná maith. Déarfainn go bhfuil an fharraige ag teacht ar a can féin airís: ar a cuma ghnáthach. Tiocfaidh an duine breóidhte ar a chan féin ach aire do thabhairt do: beidh sé ar aiste shláinteamhail. Déarfadh an té a chídhfeadh thu, a's an scáird atá id shúilibh, ná fuilir ar do chan féin: ná fuilir mar bheadh duine ná beadh faic bunóscionn lé n-a inchinn.

cánach: *a.* go mbíonn sraith ag gabháil leis, mar teacht isteach. Roim an gcogadh mór níorbh iasc cánaigh maircréil (ronnaigh) san Oileán Úr: ní cuirtí an tobhach airgid ortha as iad do leigeant isteach ann.

canachán: *f.1.* nead, nead ghirrfhiaidh. D'éaluigh an eas ar an ngirrfhiadh 'n-a chanachán: 'n-a nid.

cánachas: *f.1.* mál, duais do chuirtear ar earraidhibh iasachta nó allmhuiridhibh ag teacht isteach dóibh i dtír eile. Chuir Sasana cánachas trom ar eallach na hÉireann ag teacht 'n-a bailtibh puirt chun géillte dhi: sraith airgid mar fhíneáil.

canad: *d.bh.* cad é an áit (cá + ionad). "Canad duit?": cad as duit? "Ó Chorcaigh". Ní fheadair aonne canad, cathain ná connus: cá háit, cá huair, cá slighe?

canáil(e): *b.4.* caol (uisce ar nós abhann trí thalamh), bealach cumhang doimhin i gcuan nó i mbágh: an scórnach. Deirtear lé duine go mbíonn slogadh maith dighe aige; "dhera mhuise, is aige atá an chanáile": scórnach fhairsing. Duine iasachta dob eadh an captaen agus níorbh eól do cá raibh canáile an chuain: an bealach caol doimhin. Gearradh canáile ó Shionnain go hÁth Cliath: bealach uisce a deineadh i gcóir tráchtála. Déin canáile treasna an bhóthair chun an uisce seo do tharang: séithleán doimhin.

canaim: *b.a. 7 n-a.* deirim, cuirim guth air, mar amhrán. "A béilín binn, nár chan gó": nár inns riamh rud mealltach, bréag. Dá gcanainn, ach bh'fhearr liom mo bhéal d'éisteacht, ar b'eól dom ort, budh bheag é meas na ndaoine ort: dá n-innsinn. Ná can orm, ar do bhás, go raibh lámh ná ladhar agam i slaid an bhainnc: ná cuir m'ainm i dtreis. Is ceólmhar do chanann an t-éinín ar an sceich i mbéal dorais gach maidean: ceileabhrann sé. "A ghrádh na gcarad, is fada go bhfeacamair tú, can dúinn": aithris: scaoil chughainn do scéalta nuadha. "Táthar chun deich míle púnt do chaitheamh ar dhroichead nuadh dhúinn"- "cé chan?" cé dubhairt? Nách binn do chanann an cladhaire éitheach: nách blasta thagann bréaga ar a bhéal.

canamhain: *b.3.* carbhall áirighthe: cor cainnte; tátall. "Cad í an chanamhain do chaith sé leat nuair dubhrais leis nár chreidis é?" – "gur bheag é a mheas ar mo thuairm!"- "canamhain ghrod go leór": cainnt ghiorraisc. "Ní h-í an chanamhain chéadna labhraimíd, ní maith liom do neambanamhlacht": ní hí an saghas céadna cainnte bhíonn againn. "Go n-árduighidh an diall leis tu", ar seisean liom, "nách gleóidhte an chanamhain í sin": slighe labhartha. Ní bhíodh de chanamhain ó mhaidean go hoidhche aige ach a bhean: bhíodh sé ag síorthagairt di. "Is olc an béal atá ar an nduine sin" – "níl leigheas aige air,

níl malairt canamhna aige": aon tsaghas eile slighe chun é féin do chur in iúil. "Má bheireann dian choidhche ort", ar seisean, "reidhteóchad do bhroid duit" – "canamhain duine uasail do bheadh í": ní déarfadh ach duine galánta uasal a lithéid.

canán: *f.1.* gárlach, duine fé bhun scrothaidheachta fir. "Tá brigh i gcanán": tá neart sa bhfear mbeag. Ag cómhaireamh a gclainne dhuit ná dearmhad canán: duine beag atá ar an líon tighe. "Féach Canán!" féach an t-abhach duine.

canna: *f.4.* árus stáin nó adhmaid, an leathad céadna 'n-a thóin a's n-a bhéal. "Ní dhéanfadh canna bainne deoch do", deirtear lé duine gur féidir leis mórchuid d'ól.

canncar: *f.1.* aingcis, fearg, tógálacht. Is furaiste canncar do chur air, ná bí ag spochaireacht air: aingcis nó buile do chur air ar bheagchúis. "Go n-ithidh an canncar é!" (drochghuidhe): go gcaithidh sé leis an aicíd sin. Bhuail sé é féin san iongain leis an gcasúr, a's tá an canncar dearg air: buile agus droichmhianach air. Ná cuirfeadh an droichpheann (aon droichghléas) canncar ar aonne? míoshásamh tar cuimse. D'iosfadh an canncar é dá gcaitheadh sé feóirling: aithreachas agus cráidhteacht. Chuir na drochchártaidhe a bhí dhá fhagháil aige an canncar air: míoghnaoi. Chaith an tsrón, slán mo chómhartha, leis an gcanncar: an aicíd do-innste úd.

canncghail: *b.3.* bheith fé chlipeadh, crádh, mionitheadh (adhmaid nó a lithéid). Ná cuireadh do chos (tinn) aon channcghail ort, beidh sí go maith ambáireach: cur trí chéile, crádh inntine. Rud is lugha 'ná an braon isteach do dhul ort chuirfeadh sé canncghail ort: clipeadh nó crádh aigne. Néal chodlata níor thuit ar mo shúil ar feadh na hoidhche ag canncghail luch nó fhranncach fén úrlár: ga greamatghal ar an adhmad.

canncrach: *a.* droichmhianaigh, goirgeach, feargach, malluighthe. Ná bíodh aon tsíos ná suas agat leis indiugh, is baoghalach go lasfadh sé, tá sé canncrach ó n-a mhnaoi bheith ag giobadh air: furaiste fearg do chur air. Ní féidir cóstáil leis an gceann indiugh, is canncaraighe é 'ná franncach in ineall: is malluighthe. Déanfair canncarach mé léd shíorthagairt dot fheartaibh féin: cuirfir fearg orm leo: lét fheabhas ar gach saghas slighe. Seachain an madra canncrach, bhéarfadh sé ort. Ná bí canncrach ar bheag-chúis: ná tagadh droichmhianach ort chómh bog san. Créatuirín canncrach: duine beag gur furaiste an droichmhianach do mhúscailt ann.

canncruighim: *b.a.* cuirim fearg, míoghnaoi ar: ciapaim: clipim. Canncruigheann sé an bochtán bheith ag síorobair gan faic soifheicse dhá bhárr aige agus daoine eile díomhaoin 'sa ndóthain aca: clipeann sé é. Ní hé mo bhairéad d'imtheacht gan fagháil uaim do channcruigh ar fad me ach gach aonne bheith ag fonmhóid fúm: do chiap me. Channcróchadh sé anois é fead do leigeant fé: chuirfeadh sé fearg air. Ní channcróchadh do dhícheall é, fear róstuamdha seadh é: ní chorróchadh aon rud a dhéarfá é lé n-a dhaingneacht.

cannrán: *f.1.* monabar: coimheascar: cnáimhseán: míoshástacht. Is baoghalach go bhfuil bun éigin leis an gcannrán ag na feirmeóiridhibh, táid ag cáineadh an riaghaltais a luighead cabhartha gheibhid: cnáimhseán ar shuarachas. Nách ag cannrán atá leanbhaidhe

riamh, a’s beidh go deó: míoshásta, doshásta. Cad é an cannrán so anois ort? níl ceal aon rud ort? tuige go bhfuilir míoshásta? Is gnáthach cannrán ar sheanduine: míoshástacht a’s cnáimhseán do thagann le haois. Ní measa cat cannráin ’ná é: oiread gearáin dhá dhéanamh aige a’s bheadh ag cat ag lorg bhainne nó éisc.

cannránach: *a.* cnáimhseánach, míoshásta. Cuireann gach aonne i leith na bhfeirmeóiridhe gur dream cannránach iad: ná bíd sásta lé n-a mbeatha ná lé toradh a saothair. Dá gcuirteá an cnoc so thall ar an gcnoc so abhfus do bheadh sé cannránach: ag cníopaireacht, míoshásta: aon uair ná bím tráthamhail ar mo bhéilidhibh bíonn an bhean bhórdála cannránach, ghá bhagairt orm ná hullmhóchaidh sí a thuilleadh bídh dom, gur duadh ró-mhór me: ag gearán ’sag caosaoid gan puinn cúise.

cannscairt: *b.2.* coimheascar, easaontas, aimhréidhteacht, troid. Ní bheadh aon fhonn channscairte orm ar rud chómh suarach le pingin mionairgid, ní fiú é é: dúil chun achrainn nó argóna. Béas ag Sasana riamh daoine aon tíre go mbíonn fonn a conncais uirithe do chur ag cannscairt le chéile gurbh fhusa a gclaoidheachtaint: in earráid. Ní maith ná ní cóir cannscairt ameasc comharsan, ní leanann é ach donas a’s mío-ádh. Ní hiad cómhachta an domhain budh bhun ar fad lé buadhachtaint ar an nGearmáin ach an channscairt d’éirigh ameasc na n-árdoifigeach sa mbaile: an t-easaontas éadmhar. D’fhear bheag gan cuma acfuinneach air thug sé cannscairt mhaith uaidh agus seasamh aon tamall leis an ngaiscidheach: dhein sé comhrac chealgánta.

cannta: *f.4.* smut, cnapán, geannc, blúire tiugh, téagartha. Cannta feóla, aráin, cáise, éisc: blúire taithigeach. Itheann sé i gcanntaidhibh, an craosaire: bíonn blúiridhe móra, toirteamhla aige i ngach greim. Bheadh sé ó channta go cannta den mbollóig go gcuirfeadh crích uirthe: dhá h-itheadh n-a geannc a’s n-a geannc. Gearrann an fíogach cannta ar a chreich chómh glan a’s dá mbudh rásúr é: blúire gur mó ar a reimhre é ’ná ar a fhaid. Bhain an madra cannta as mo cholpa: greim reamhar feóla. Shaoileas go bhfaighinn cannta maith talmhan sa Nuadh-Ghaedhealtacht: blúire fairsing. Ná bíodh aon fhaitchíos ort im thaobhsa, bainfead mo channta amach: mo chuid, cion fir.

canntaidhe: (**canntaoir**) stuic, gléas adhmaid go bhfáisctí géaga daoine (mar choirptigh) chun a bpíonósuighthe agus a náiriughadh os chómhair an phobail. Is me a bhí i gcanntaidhibh nuair bhí béal guna lém chluais, a’s mo lámha gabhtha: i dteannta, eaglach. Táim i gcanntaidhibh gháiridhe agat léd chuid áilteóireachta: i ngreim gáiridhe ná féadfainn mé féin do chosc. Ní cuirtear aonne i gcanntaidhibh anois mar chúiteamh cora. Níor imthigh na canntaidhe gáiridhe fós díot: trithidhe nách féidir a gcosc.

canntálaidhe: *f.4.* duine a bhíos d’iarraidh cuid dhuine eile do shroichstint go míomhacánta; duine a bhíos ag brughadh nó ag déanamh comhgaraigh ar dhuine eile ’n-a ionad. Canntálaidhe gan chreideamh gan choinsias nár fhág talamh aon tríontaidhe a bhí siar lé n-a chíos gan a chuid talmhan do ghreamughadh tríd an dtighearna talmhan. A channtálaidhe! fág uait na cártaidhe sin, ní leatsa iad: duine a thógfadh gan cheart. Éirigh as mo shuidheachán a channtálaidhe: a dhuine atá d’iarraidh suidheachán nách bhfuil cóir ná ceart agat chuige do shealbhughadh. Canntálaidhe ná fágadh greim bídh ar an mbórd d’aonne eile ach dhá chúbláil chuige féin: fear a bhíos d’iarraidh seilbhe gan cheart

d'fhagháil in aon nidh. Gheóbhainn an talamh ar dhá chéad púnt mara mbeadh an canntálaidhe a bhí ag glaodhach os mo chionn: duine go raibh dúil neamhchóir aige an luach d'árdughadh.

canntáil: *b.3.* iarracht ar sheilbh d'fhagháil go neamhchórach; ag déanamh cómhgaraigh ar dhuine 'n-a chuid féin: ag árdughadh luacha aon rud thar meón ar cheaint poiblidhe: d'iarraidh ruda a bhíos anáirde do bhaint dá chéile lé breis thairsgeana. Beirt scannramhail chun talmhan a bhí ag canntáil na feirme ar a chéile gur árduigheadar an luach go cannaibh na gréine: ag sárughadh a chéile n-a dtairsgint. Is mór an ghuilm a bhí ar na ceannuightheóiribh chun an éisc go rabhadar ghá channtáil ar a chéile: gach n-aon aca ag tairsgint breis luacha. Lé canntáil a fuair sé a bhfuil aige: do dhéanamh nidhthe ná raibh cóir ná ceart. Shuidh sé in aice liom ar an suidheachán, agus ní raibh sé sásta gan bheith ghá channtáil orm gur chuir sé dhe me: ag brughadh orm 'ghom chur as an slighe. Lé súil channtáil an tsiopa so agam seadh tá sé chómh báidheamhail leis an dtighearna talmhan: súil a fhaghála ar chleas éigin .i. an cíos d'árdach orm nó a lithéid.

canntáil: *b.3.* alpadh, itheadh n-a ghiotaidhibh móra. Suthaire doshásta ag canntáil leis go raibh deireadh na béile aige: ag itheadh 'n-a ailpeannaibh. Beidh an fharraige ag canntáil léi go dtuitfidh an aill bhog léi: ag baint geannc mór as an aill. Ná bíodh aon náire ort, a bhuachaill, tá ocras ort, bí ag canntáil leat: ag itheadh: luath, mear, alpamhail.

canntálaim: *b.a.* cuirim isteach ar dhuine go héagcórach d'iarraidh seilbh d'fhagháil i rud a bhíos aige, nó gur mhian leis bheith aige: déinim cómhgharach ar dhuine 'n-a sheilbh nó in a ionad. Bí aireach nó canntálfar do chuid talmhan ort nuair cuirfear anáirde lé fiachaibh é: tiocfar laistigh díot go héagcórach. Fan ón gcathaoir sin ná canntáil í, tá sí in áirighthe agamsa: ná gaibh í go mí-cheart. Dubhart leis an gcléireach suidheachán do chongbháil dhom agus go n-íocfainn é ar theacht dom, ach channtáil duine éigin orm leis an airgead síos: fuair sé seilbh ann lé díol as ar an láthair. Channtáladar mo phortach faid bhíos as baile san Oileán Úr: thángadar gan chead gan iarraidh agus chuireadar chun a n-áise féin é, gan buannacht ná eile. Tá dreatháir agam agus níl luid éadaigh agam ná go gcanntalann sé; indiugh bhuail sé ar mo chasóg díonuisce gan oiread as "léd thoil" do rádh; léinteacha ar an gcuma gcéadna, buaileann air iad, channtaladh sé t'anam dá mbudh dhóigh leis go mbeireadh san ar neamh é: d'éalóchadh uait é.

canntlach: *a.* aingciseach, dubhach. Ná bí chómh canntlach i dtaobh lasáin do lorg ort: cráidhte, soifheirge. Ní bhfuaireas aon tsásamh riamh bheith 'n-a chuideachtain, róchanntlach, gan gáire, gan seódh: gruamdha.

canntladh: *f.1.* brón, buaidhreamh, éagcaoineadh, cnáimhseán. "B'fhearr liom ná fios mo shaoghail dom/ go bhfaighinn amach cé h-í an éifid/ a chúm nó cheap na breithre seo/ bladhardha dhá mhaoidheamh. Is gan ag fás 'n-a ghleanntaibh/ ach bláth an aitinn Fhranncaigh/ a mná ag gol 'sag canntladh/ gan bainne aca ná ím": ag cnáimhseán 'sag éagcaoineadh. Choidhche ní shásóchadh aon nidh thu ach do shíor ag canntladh do cháis: ag fagháil lochta ar a luighead cúise. Canntladh an domhain atá ortha, ar a mbéal gur aistrigheadar ó n-a mbaile dúthchais go Conntae na Midhe gur neamh-fhagháltaisighe a n-ionad: ag gearán go neamhcheart. Ní bheinn chómh neamhthruaighmhéileach ná go

gcuirfeadh do mhairg canntladh orm: brón. Bhainfeadh canntladh na leanbh ar bhás a n-athar deóir ón gcloich ghlais: gal a's gáir bhróin. Sasana i dteannta, mo channtladh é! mo bhrón mhór é (searbhas). B'é canntladh Chorca Dhuibhne a imtheacht: chuir a imtheacht duairceas ortha.

canntlóir: *f.3.* aingciseóir, duine duairc. Ní dhéanfadh aonne dhe ach canntlóir 'sa bheith ag ceisneamh a's a fheabhas atáthar do: cnáimhseánaidhe. Dá shlachtmhaire labharfainn Gaedhilg leis gheóbhadh an canntlóir locht orm: duine ceartéiseach doshásta. B'fhearr duit leigeant do channtlóir mar é, neamhmuinnteardha, dorcha 'ná bheith chuige ná uaidh: duine nách é a mhian conbharsáid na ndaoine do dhéanamh.

cánóg: *b.2.* éan farraige a thagas ón dtuaisceart chun síolbhuighthe go bhfuil déanamh ghuib an lóra ar a ghob: an t-éan dearg. Oileán na gCánóg i mbágh Baile an Sceilg.

canta: *a.* gleóidhte, taithneamhach, so-amhairc, deaghfhéachain, líomhtha. Níorbh amhránaidhe iongtach é, cé go raibh sé go canta: go nguth bhinn, gan bheith áluinn. Obair chanta aice ar an linéadach lé snáthaid, craobhacha a's dréachta suaithinseacha: obair sciamhach a thaithnigheas leis an súil. Fuinneóga canta seadh fuinneóga teimheal-dhaththa in eaglais: fuinneóga is taithneamhach leis an súil. Ní chreidfeá é gur cheannuigheas peann canta ar choróin: peann deaghchúmtha. Ní feachthas bean budh chanta do ghléasadh í féin: gurbh thaithneamhaighe leat do shúil do leagadh uirthe. Sin scríobhnóireacht chanta, a chúmthacht a's tá gach leitir ceaptha: scríobhnóireacht a chuireas subháilceas ar shians an radhairc. Tá siad (bróga etc.) ort go canta: is maith oireamhnach, scamhairc an nidh atá dhá chaitheamh agat. Cainnteóir canta ar an gcraolachán seadh é: labhrann sé go líomhtha i slighe chuirfeadh aoibhneas ort bheith ag éisteacht leis. Coisidhe líomhtha budh chanta chuireadh bóthar de: ghluaiseadh sé go héascaidh. Seómra canta go raibh peictiúiridhe ar na fallaidhibh agus sraideóga ar an úrlár, leabhartha ar shiolpaidhibh agus troscán áluinn ann: seómra a chuirfeadh subháilceas ort a amharc. Éan canta an príochán cos dearg: deaghchúmtha, deaghdhathach. Tógbháil chanta, cainnt chanta, súile canta, etc.

cantacht: *b.3.* deiseacht, mórfheabhas, maiseamhlacht, slachtmhaireacht, snas críochnamhlachta. Lé n-a chantacht do mheall an bréagán an leanbh: lé n-a dheiseacht. Cuireadh tuath i gcantacht a gutha: cuireadh suim i ngleóidhteacht na slighe do labhradh sí. Cantacht na hoibre do thóg mo shúil: slachtmhaireacht a déanta a bhain dom suim do chur innte. Budh bhreágh leat a chantacht a's chuireadh sé chun cainnte: a fheabhas agus a shlachtmhaire. Cad dhéanfadh cantacht an tsolais aible i gcompráid leis an solas oíle: glaineacht, feabhas a's gluardhacht. Cantacht dhéanta na mbróg do shughann na mná chun a gceannuighthe: a dheiseacht a's a shlachtmhaireacht bhíd déanta. Budh bheag ag cantacht a mhéire gnóth críochnamhail do dhéanamh: líomhthacht, clisteacht a's éascaidheacht. "An bhfuil an chulaith déanta go slachtmhar?" – "ní cantacht go dtí í": budh dheacair an déanamh do shárughadh ar chéird a's ar chríochnamhlacht. An rud is mó a raigheadh n-a luighe ort cantacht úrlabhra an leabhair: an cheárd agus an tslacht atá innte.

cantain: *b.* (*-tan*) labhairt, guth ar dhán nó amhrán: ceileabhradh éan. "Táim bodhar lé sealad, cráidhte/ ag foghar gach neach mar thráchtaid/ le fonn na cantan caile/ ar bhur gCnoicín garbh Fraoigh": cáil trí amhránaidheacht a's aithriseóireacht ós árd ameasc daoine. Moladh dho Dhia, nách aoibhinn é cantain na n-éan ar chraoibh lá samhraidh: ceól a's tréathar. Duine maol nách maith leis cantain daoine borb: cómhrádh, gnáthchainnt. Is binn í cantain le linn an aifrinn: an cheólghuth cuirtear ar na sailm i rith ceileabhartha an aifrinn.

cantaire: *f.4.* duine a bhíos ag amhrán. 'n-a hóige bhíodh sí 'n-a cantaire ar phóstaidheachaibh ar phinginidhibh airgid: 'n-a hamhránaidhe ag imtheacht ó áit go háit.

cantaireacht: *b.3.* amhránaidheacht, ceólghuth na salm. Bean mhór ruacán a's amhrán dob eadh í, 'sí choidhche ag cantaireacht ar a cuid oibre: ag obair a's ar an am gcéadna ag gabháil fhuinn, ag duanaireacht nó ag déadradh rann di féin. Níl aon lá Domhnaigh ná go mbíonn cantaireacht ar siubhal ag aifreann a dó dhéag sa Daingean: bíonn cór amhránaidheachta ag gabháil salm ann. "An tsidhe bhean mhilis mhallruisc/ de dhraoithibh cearta an cheanntair/ do shíor gan scur dá cantaireacht/ ó mhaidean go dtín oidhche": dá dántaibh molta ar an gceanntar.

cánuighim: *b.a.* cuirim cáin nó géis ar rud nó ar earra, cuirim fíneáil ar. Cánuigheann Sasana ainmhidhthe ó Éirinn ag teacht isteach san tír sin dóibh mar chúiteamh ar na císeannaibh bliadhantamhla do diúltuigheadh d'íoc léi: cuireann suim áirighthe airgid ortha dréir a luach. Fíon a's brannda ó thíorthaibh thar lear cánuightear iad ghá dtabhairt isteach: cuirtear sraith ortha chun go mbeadh rud éigin dá mbarr ar an gcuma san ag tír a ngabhtha. Ní cánuightear beóir Shasana annso ná leann dubh na hÉireann thall i Sasana: leigtear isteach saor iad.

caob: *b.3.* ladhar nó lán sluaiste de chré cheangalaigh: sleamhancán: lán píce d'fhéar etc.: sneachtadh 'n-a lóipínidhibh: duine neamhghasta. D'imthigh bun an ghuirt 'n-a chaobaibh móra ag an dtuile: 'n-a chnapánaibh móra. Spara tobac atá 'n-a chaobaibh anuas ar a chéile: 'n-a bhilleógaibh fhada leathana anuas ar a chéile. Caob bhocht aindeis go mbíonn gach rud go neamhchríochnamhail aige: duine neamhghasta, faillightheach. Tháinig caoba deór leis le huabhar: nuair gonadh é ghoil sé go fuidheach.

caobach: *a.* neamhghasta, straoilleach, slaodach, sleamhancánach, suaidhte. Conntabharthach duit dul ar snámh san bhfarraige chaobaigh sin: farraige neamhshocair chorruightheach – ag caitheamh ar a chéile mar bheadh uachtar dhá chasadh i meidir. Bothán caobach nách bhfaghfá faic féd láimh ann: drochchóirighthe, neamhghasta. Carraig chaobach atá fean an chósta ar fad go bhfeicfeá na síomthaidhe go soiléir innte: sleamhancach, 'n-a leabharthaibh in aice a chéile. Nách caobach na méireannta atá ort ná féadfá an tsnáthad do choimeád: aindeis.

caobach: *b.2.* faoileann beannearballach go mbíonn drom dubh aice: faoileann droma duibhe: duine mórcholaideach coimhtheach. Phós sé caobach mhná, domhaitheasach, doichilleach a chuireadh smacht air: bean mhór, chumasach gan leagadh le

muinnteardhas na ndaoine aice. Éan seadh an chaobach ná fuil rócháiréiseach i dtaobh an ruda d'íosfadh sí. "A's go mb'fhearr í caobach 'sa stoc ar chnocaibh": bean neambreágh.

caoch: *a.* dall, gan ach puinn radhairc, ar bheagán radhairc, doiléir, iadhta; dubhuighthe nó ruaidhte ag galar mar bheadh prátaidhe nó arbhar, dallta. Céad gnóth ag déanamh mearbhaill dom táim caoch amach ag obair: an oiread san oibre ná féadfainn teacht ar a déanamh. Táim caoch amach ag an bhfocal san: níl ionam é do mhíniughadh ná do thuigsint. Ar thaobh do láimhe deise má thugair fé ndear é tá bóthar caoch: bóthar doiléir. An caoch ataoi ná feicir an réilthín solasmhar san? nách dall atá sé ag dul ort ná feiceann an réilthín. "Gura caoiche ambáireach tu", deirtear lé duine ná feiceann rud róshofheicse nó go mbaineann constaic éigin barrthuisle as. "Nách caoch d'éirigh sé dhuit", deirtear so lé duine go n-éirigheann aonnidh dho nó a dheineas rud le cinneamhaint dob fhéidir do chosc ar aire thabhairt. Solas caoch atá agam nách féidir liom an clódh d'fheicsint: solas múchta gan gléire. Beárna chaoch gur dheacair a fheicsint, a bhí ag dul 'on ghort: gan fairsinge ná méid. Ní fhéadfá cnaipidhe na casóige d'iadhamh, tá na puill ró-chaoch: iadhta, neamhoscailte. Ní hé go bhfuilim féin caoch ach tá ródh na snáthaide caoch a's tá ag dul díom an snáithín do chur innte: dorcha sa radharc, doiléire súl. "Caoch go rabhair", deirtear lé duine a chlipfeadh thu go raghadh de rud anshofheicse d'amharc nó dhéanfadh rud éigin trí cheal radhairce nó lé heasbaidh aireachais. "Ní mise a bhí caoch ach tusa a bhí caoch do phós me": cé go bhfuil giorra radhairce orm is neamhghéarchúiseach an duine thu nár thug san fé ndeara. Ní maith an síol prátaidhe é go mbíonn súile caocha ortha: súile beaga meathaluighthe. Ní fheicfinn faic ag neart an tsolais, do bhíos chómh caoch le circ (ist oidhche): ní fhéadfainn meabhrughadh ar aon taobh. Cimil an scuab den ndoras san, tá an dearg an-chaoch air: ní bhuaileann sé an tsúil go tapaidh. Beir caoch má ólair a thuilleadh beathuisce: beidh mearbhall maith dighe ort. Cuirfear dhá shimné ar an dtigh, simné tairngthe agus simné caoch: simné go ngeobhaidh gal tríd agus simné ná beidh aon pholl ann. Má cheannuigheadh an tigh breágh san ar chúig céad púnt uait tánthas ar an dtaobh caoch dhíot: buaileadh bob margaidh ort. Is cuma liom cad é an locht gheóbhfar ar mo chuid oibre anois ó tá mo chuid airgid im phóca agam, táim ar an dtaobh caoch: táim neamhspleádhach, ar an dtaobh nách féidir teacht orm. An bhfeicir aonnidh tríd an gceódh? chídhim carraig nó talamh go caoch: go h-andhoiléir ar fad. Sin é an girrfhiadh caoch go mbéarfadh an raga con san air: girrfhiadh ná feicfeadh a bhealach go léasta. Caitheadh dorn gainimhe sa radharc orm táim caoch aice: ní féidir liom mo shúile d'oscailt 'n-a gceart chun feicseana. Is mór an cliathán cnuic é sin chun creabhar caoch: éan a thagas aduaidh sa gheimhreadh, gob fada air ar nós an naoscaigh, go bhfuil gaol aige leis. Budh mhór an obair go dtáinig sé chun cinn a's gur ag imtheacht caoch tríd an ndoircheacht do bhí sé: gan aon rud aige do threóróchadh n-a cheart é. Is fada go raibh aon uisce ann, tá sé n-a thobar chaoch: tobar dulta i ndísc. Ag obair i gcoiréal do gur bhuail scolb cloiche sa tsúil é a's go bhfuil leathchaoch ó shoin: gan radharc i súil leis nó é ar luighead radhairce sa dá shúil. Chuir sé cuma chaoch air féin ag léigheamh d'iarraidh an dochtúra do mhealladh: ghaibh air an clódh bheadh ar dhuine gearradharcach.

caoch-, caoich-: *i gcomhfhocalaibh* dall, follamh, múchta, doiléir, iadhta, doiléasta. Tháinig na hainmhidhthe ag déanamh foghla trí chaochbheárnain a bhí ar an bpáirc: áit n-a raibh bearna a's gan í iadhta 'n-a ceart.

caoch: *f.1.* duine dall, leathshúl, no fiarshúlach; amadán, breillice. Rinne sé caoch díom lé buinne cainnte gan chao labhartha focail do thabhairt dom: amadán: bhain sé dem threóir me. Ná cuir síntiús na loc ar an gcaoch bocht: ná leig uait é gan rud éigin do thabhairt do. Ní hé an dubh a lait na prátaidhe ach an chaoch ruadh: galar do chuireann uibhe 'chiaróg an earraigh' ar bharra gráine, ar phrátaidhe a's rud – ruadhann craobh nó billeóga an toraidh, leis.

caochadh: *f.* (*-chta*) crapadh nó luighe súl: dalladh: an radharc do chiorrbhadh nó do dhoirchiughadh ar feadh tamaill. Fág solas na gréine, táir dhá chaochadh aige: ag baint do radhairce dhíot den láthair. Níor chaochadh go dtí é a's gur ghaibh sí leis mar fhear: budh mhór an mealladh do dhein sé uirthe nó budh mhór an neamh-ghéarchúisighe dhi gan a lochta do chómharthughadh. Lé n-a laige a's lé déine na hoibre bhí sé dhá chaochadh ag an saoghal: dhá chlaoidheachtaint. Fuair an long an oiread san caochta ón stoirm gurbh éigean di casadh isteach i gcuan: tuargantha a's suathadh. Thug sé caochadh maith don atúrnae má cuireadh an buaidh féin air: d'fhreagair sé ceisteanna an atúrnae go cliste. Níl leath a ndóthain cabhartha annso bíonn na freastalaidhthe dhá chaochadh amach le linn grithileáin: bíonn breis oibre aca a's nách féidir leó teacht air. Na páipéir a's an salachar ná ritheann lé fánaidh atá ag caochadh na pípe: ghá palcadh a's ghá tachtadh. D'aithnigheas ar an gcladhaire go raibh calaois ar siubhal aige lé linn caochta a shúl do ar a pháirtidhe. Báisteach throm ghom chaochadh: chómh trom san go mbainfeadh sí eolas na slighe dhíom. Amach leat as san, tá an gal ghod chaochadh: an gal ag dul id shúilibh a's ghá chur ort iad do dhúnadh. Ag tabhairt airgid dom chun mo shúl do chaochadh: chun ná h-aithriseóchainn rud éigin nár bh'fhearrde fear mo bhrealtha dá ndéininn. Is furaiste súil leinbh do chaochadh: is beag an rud do shásóchadh leanbh a's do chuirfeadh 'n-a thost é, nó thogfadh aghaidh a chaoraidheachta dhe dhuine. Seachain tú féin ar an bhfear droichmhianaigh sin, bhuailfeadh sé ar chaochadh na súl thu: ar phrap na súl. Ar chaochadh na súl tháinig an tóir orm: go h-obann thánthas orm. Ní fhéadfá do cheann do chur 'on doras le caochadh gaoithe: dalladh goaithe, gaoth láidir bheadh ghod leadradh go láidir. Ní rithfeadh an t-uisce thríd an bpoll, mar bhí clocha, grean a's gach aon tsaghas ghá chaochadh: ghá thachtadh, ghá iadhamh. Caochadh na hoibre do chur an t-imshníomh air, gan ann teacht ar a déanamh: an iomad oibre, gnóth nó cúram nuadh chuige sara mbíodh an rud idir lámhaibh aige críochnuighthe. Sé fáth dho dul amugha go raibh an sneachtadh ghá chaochadh: ag baint eolais na slighe dhe, trí chómharthaidhibh talmhan do mhúchadh air. "Dalladh a's caochadh ort!" deir duine le hainmhidhe, duine nó rud a chuireas fearg nó clipeadh air, nó nuair bheadh rud ag dul do do dhéanamh.

caochaim: *b.a.* dallaim, bainim furmhór an radhairc de, feódhaim, luighim mo shúil: meallaim. Chaoch sé lé hargóint me gur éisteas: ní fhéadfainn tor do thabhairt ar na cúigidhe argóna do bhí aige. Chaoch smúit an bhóthair é go ndeaghaidh sé féin 'sa ghluaisteán isteach 'on díg: dhoirchigh sí an radharc aige i dtreó ná feacaidh sé soiléir. Caoch do shúil air, ach ná glaodhaidh air: luigh do shúil air i gcómhartha dho. Caochfaidh na cruadhcheisteanna so me lé n-a ndeacracht: bainfid mo mheabhair chinn díom: ní bhead i ndán a réidhteachta. Chaochadh an saoiste a shúil ar chuid mhór dá ndéineadh sé: ní thógadh sé aon cheann des na rudaidhibh do dheineadh sé as an slighe. Beir fada air go fóill, ná caoch amach me: tabhair eaga chainnte dhom. Chaoch sé a leathshúil orm fén bhfear a bhí ag cainnt linn: do luigh sé a shúil orm i slighe a chuir in

iúil dom cad bhí 'n-a aigne i dtaobh an fhir. Caochann na h-iarraitisidhe go léir me, ní bhíonn ar mo chumas teacht ar a leath: cuirid as mo bhuille me, cuirid amugha me, ná feadar cad is ceart dom do dhéanamh aca. Cambfháth ná beadh, chaoch sé ó thalamh me lé bladhgar a's lé plámás gur cheannuigheas an t-éadach olc so: mheall sé me le cainnt bhreágh, shleamhain. Chaochfainn aon lá le Gaedhilg é: bhuadhfainn air i labhairt na teangan nó in eólas uirthe. Ná tuig go gcaochfadh geallamhaintidhe plámásacha mise: go meallfaidís me. Caochfaidh an iomad léightheóireachta an radharc agat: lagóchaidh agus doircheóchaidh.

caochán: *f.1.* duine nó ainmhidhe nó éan dall, ainmhidhe beag ceathairchosach a thollas san talamh agus a mhaireas ar fheitididhibh. Ó rugadh é bhí sé n-a chaochán: gan puinn radhairce. Fág an áit uaim, a chaocháin, dá mbeadh cainnt ag an leabhar labharfadh sé leat: a dhuine ná baineann an áis cheart as do radharc a's an rud go soiléir os do chómhair amach. Níl aonne ach caochán ná feiceadh an t-oileán as so: duine gan puinn radhairce: neamhghéarradharcach. Dá mbuaileadh duine ar rud a bheadh sa tslighe déarfá, gabhaimse orm, a chaocháin: a dhuine gan sáith radhairce, nó sáith féachta rómhat, is maith is fios dom go dtuitfeadh san ort.

caochánach: *f.1.* duine aindeis, duine ná deineann gnóth slachtmhar. B'fhearr liom rud do dhéanamh 'ná bheith ag brath ort, a chaochánaigh ná feadair connus cur chun ruda: a dhuine neamh-eólgaisigh. Tugann sé na trátha ag déanamh rud cheal curtha chuige i gceart, an caochánach: duine neamhchruinn.

caochánaighe: *b.4.* aindeisidheacht chun ruda do dhéanamh; neamhairghe. De dheascaibh a chaochánaighe leag an chloch é: aindeise: gan féachaint roimis féin. Caochánaighe a dhein do gan an glas do chur ar an dtigh: neamhairghe: ceal cuimhnte.

caochbhóthar: *f.1.* bóthar doiléir nó ná bainteart puinn áise as, nó ná bíonn a thriall ar áit thábhachtaigh. B'fhuraiste thu do chur amugha ameasc na gcaochbhóthar atá go flúirseach ar fuaid an bhaille: seachbhóithre, bealaigh iargcúlta gan puinn áise. Budh dheacair dom dul chun an tighe mar ná raibh ag triall air ach caochbhóthar: doiléir.

caochfhuinneóg: *b.2.* fuinneóg neamhsholasmhar nó líomughadh fuinneóige i bhfalla gan aon oscailt. Tigh dall, dorcha ná fuil air ach caochfhuinneóig seadh é: fuinneóga neamhthoirteamhla. Cuireadh trí chaochfhuinneóga ar an bhfalla thuaidh chun breis chuma do thabhairt ar an dtigh: líomughadh na bhfuinneóg.

caochghail: *b.3.* neimhréidhe tairng(e); múchtacht i simné, i bpíopa nó a lithéid. Réidhtigh do phíp, tá sí andhocht, gcloisidh an chaochghail atá aice: glór caol, fada. Bheadh caochghail nách iongadh ar aon chamar go mbeadh salachar innte: múchtacht. Ní fuláir nó tá anál bhriste ag an gcapall san, tá caochghail air: glór caol, fada.

caochóg: *b.2.* balbhán béice, folach fuinneoige, duine a bhíos tuathalach neamheólgaiseach ar fhleadh nó bainis. Ní fuláir nó tá muinntir an tighe as baile, mar tá na caochóga tairngthe: na clúdaigh. Saghas púca padhail go ndéineann smúit de ar n-a

fháscadh. Chaitheas an oidhche im chaochóig, níor glaodhadh ag rinnce orm ná níor labhradh puinn liom: duine ar bheagán spéise do chur innte.

caochpholl: *f.1.* poll deacair do thabhairt fé ndeara, ceann a bheadh iadhta nách mór. Cuireadh caochphuill i dtóin na luinge chun an uisce do bheith isteach 'samach: mionphuill. Is fada go raibh aon choinínidhe ionta, caochphuill seadh anois iad: puill atá ag iadhamh.

caochsholas: *f.1.* solas ná bíonn léasta nó láidir, solas lag. Níor thugas chun cruinnis an fear nó bean a bhí ann, mar ná raibh sa tseómra ach caochsholas: solas gan puinn nirt ann. Caochsholas dob eadh an geitre i gcómhnáird leis an ngeas; caochsholas an geas i gcómhnáird leis an aibhle. Sé a raibh de sholas sa tigh an caochsholas gealaighe tríd an bhfuinneóig, solas nár bh'fhuraiste rudaidhe d'fheicsint leis. Níl ag teacht ón ngealaigh ach caochsholas, tá an iomad scamall uirthe: solas doiléir. Ní fhéadfainn meabhrughadh i dtóin an chuasa, ní raibh ann ach caochsholas: solas dorcha, múchta.

caochshráid: *b.2.* sráid dhoiléasta, sráid neamhthábhachtach, sráid gan ach aon bhéal amháin uirthe. Is gnáthaighe gur bochtáin a lonnuigheas i gcaochshráideannaibh na cathrach: sráideanna beaga, múchta, iargcúlta gan tábhacht. D'iompuigh an fear síos i gcaochshráid a's rugadh air, mar ná raibh aon tslighe éaluighthe 'n-a tóin thíos: sráid an bhéil.

caochshrón: *b.4.* (*-ach*) srón thachtuighthe. Ná labharfá níos soiléire ar cad thug an chaochshrón duit: fuaimeanna srónach ar a chuid cainnte. Tá caochshrón ann: labhrann sé trí n-a shróin.

caochshrónach: *a.* cuineann mhúchta; labhairt tríd an sróin. Ní fhéadfadh sé bheith 'n-a amhránaidhe mhaith a's é chómh caochshrónach san: a shéise bheith ag teacht trí n-a shróin. Cainnteóir caochshrónach budh dheacair do thuigsint: doiléire cainnte trís an sróin.

caochshrónaidheacht: *b.3.* béas labhartha tríd an sróin; neamhghléine cainnte de dheascaibh teilge nó cosca éigin sa tsróin. Bhain an dochtúir an chaochshrónaidheacht as nuair ghearraidh sé cnáimhín a bhí n-a leathchoininn: an neamhghlaine fuaimeann a bhí ag teacht leis.

caochshrónaighe: *b.4.* úrlabhra lochtach de chionn labhartha tríd an sróin. Ní deacair duit an té atá i gceist agam d'aithneamhaint nuair labharfaidh sé, mar tá caochshrónaighe ann: neamhghléine cainnte de dheascaibh labhartha trís (tríd) an sróin. Ní fhéadfadh sé choidhche bheith n-a chainnteóir shlachtmhar ag caochshrónaighe.

caogaide: *f.4.* fothdhuine nó rud, neamhghnáth. An bhfeacais aonne ar shráid an Daingin indiugh? chonnac caogaide: duine fuar fánach. Ní thugann ach fothchaogaide turus ar Inis Tuaisceart, cá mbeadh a ngnóth? duine an-anamh ar fad. Bóthar fada seadh é agus buailfidh caogaide éigin leat a choimeádfaidh cuideachta dhuit: duine éigin, le cinneamhaint nó a mhalairt. Siopa nách bhfuil ag déanamh go maith seadh é ní fheicfeá

ann ach caogaide: fothrochtaire ag ceannach ruda. Is mór mar laguigh an feirmeóir sin, ní bhíonn ar an dtalamh anois aige ach caogaide ainmhidhe: ainmhidhe fáin. Chuarduigheas mo phóca a's ní bhfuaireas ann ach caogaide pingne: pingin aonair, le cinneamhaint féin do ránguigh sí sin ann.

caogaidhe: *f.4.* duine má seach, duine fáin. Tair isteach, a dhuine sin, ná bí id chaogaidhe annsan: gan aonne it fhochair. Budh dheacair do chaogaidhe a bheart do dhéanamh ameasc scata: do dhuine aonair nó duine gan chabhair. B'iongtach an obair do rinne an t-Athair Ó Duinnín 'n-a chaogaidhe saothair ar an bhfoclóir: gan aon chabhair aige. Im chaogaidhe aonair ó cheann ceann na bliadhna sa ghabhal cnuic seo gan siubhal aonne orm: liom féin féin uaigneach, iargcúlta.

caogaidín: *f.4.* an chloch mhór ar an bpaidrín páirteach idir gach dhá dheichneabhar, freathálach. "Ár n-athair etc.": aon rud an-uaigneach, an-iargcúlta. Abha bheag 'n-a caogaidín ameasc na sléibhte: i bhfad ó shiubhal daoine. Ná fág an leanbh 'n-a chaogaidín aonair ó shúgradh na leanbh eile: leis féin gan aonne do chur suime ann.

caoi: fic **caoth**

caoi: *b.4.* gol, olagón, brón ag silleadh deór. Mo chaoi é! mo bhrón é (lé cnáid adeirtear so). "D'imthigh a bhean ó Shéamas" – "mo chaoi é!" is beag é mo thinneas 'n-a thaobh. Cad is fiú aon scilling amháin do chailleamhaint, ní bhein dhá caoi: ag déanamh suathaidh aigne 'n-a thaobh. Is é mo chaoi gan mise thoir in Éirinn: mo bhrón a's mo dhíobháil. Níor chaoi leis do bhás, tá an oiread san drochaigne aige dhuit: ní chuirfeadh do dhul aon chathughadh air. Ag caoi a céile fuaireas í: ag gol ar a bhás. B'é an duine é is mó ghoill ar an áit le fada budh mhór é an sluagh ban caoithe a bhí ar a thorramh: mná caointe. Cuir uaim, ní fheaca riamh thu ach cúis éigin caoithe agat: gearán éigin, dearbhtha nó dúmasach, d'fhonn bheith ghod cháiseamh féin. Is agam atá cúis caoithe deór a's mo mhac taithneamhach d'imtheacht 'on chré uaim: caoineadh.

caoiche: *b.4.* daille, lagdhaille, giorra nó doirche radhairce: an feódh bheith ar an ngráine arbhair. "Dá mbeadh caoiche ort ní fheicfeá é": deirtear so lé duine a thugas rudaidhe fé ndeara nár ghábhadh dhó, nó ná baineann leis. Fuair sé táille ón Riaghaltas toisc a chaoiche: giorraradhairce ná raibh déanamh a chúram ann. Duine muinnteardha, cainnteach, gan chaoiche dob eadh gach aon lá riamh é: duine ná leigfeadh air ná feicfeadh sé thu ná ná haithneochadh sé thu. Ní cheannóchadh aonne an capall lé n-a chaoiche: mar gheall ar é bheith gearr sa radharc. Bíonn caoiche air sin uaireannta: ní leigfeadh air go n-aithneóchadh thu. Caoiche an phuill ná geóbhadh an t-uisce tríd, an tsimné ná geobhadh an deatach, an bhóthair ná feicfinn é, na snáthaide ná féadfí snáithín do chur innte: cumhainge, neamhfhairsinge. "Léan id chaoiche, ná féachann rómhat féin": deirtear le linn feirge lé duine a dheineas botún satailt ort, a leagas rud, nó a dheineas míothapaidhean éigin: gan aire cheart do thabhairt. Craobh bheag atá ar an gcoirce sin lait an chaoiche é: an feódh a thagas lé galar éigin mar caoch ruadh ar an ngráine.

caoichúis: *b.2.* bun guil nó caointe. Dá mbeadh caoichúis agat níor leath liom tu bheith ag lógóireacht: fáth bróin. Caoichúis d'Éirinn do b'eadh bás an Pheáirnéalaigh: bun ochláin.

caoichúiseach: *a.* do thabhairt bróin nó buadhartha. Rud caoichúiseach dob eadh barr a mhéire do sciobadh dhe le tuaigh: fáth buadhartha agus gleóidh dho é. Budh chaoichúiseach dos na seandaoinibh gur luigheaduigheadh an seantáille, scilling: fáth bróin a's gearáin. Caoichúiseach d'fheirmeóiridhibh saoire seifteanna: goileann an tsaoire ortha agus is bun gearáin dóibh sin. Ní heol dom ar m'aitheantas duine labhrann níos caoichúisighe: leis an oiread san gearáin.

caoidheamhail: *a.* cneasda, measardha, cuibheasach, caoin, galánta. Dá labharthá go caoidheamhail in ionad bheith órduightheach ní h-eiteófí thu: go cneasda, caoin. Dá tharcuisnighe do bhí sé liom seadh is caoidheamhla do labhras leis: béasamhla. Óir is deacair léigheamh ar an nduine bí caoidheamhail ag éalódh uaidh cad tá ar aigne aige: aireach, cosantach, neamhscéidheach. Fear tighe caoidheamhail adubhairt linn suidhe agus dul i gcuibhreann a choda leis: cúirtéiseach, fáilteamhail. Is caoidheamhla an t-aire ar éisteacht do thabhairt do lucht iarratais 'ná mar bhíonn fonn gnímh air: lághach muinnteardha. Budh chaoidheamhail an bheart aige síob gluaisteáin do thabhairt dom go B'l'Áth Cliath ó Dún Chaoin: budh ghalánta. Ní h-i gcómhnaidhe bhíonn sé caoidheamhail 'n-a bhréithribh a's gur bh'fhearr leat gan é do chlos: cuibheasach, banamhail. Is iongadh liom thu d'fhagháil lochta ar chainnt chómh caoidheamhail gan tagairt bhorb ná cháinteach ar neach: cainnt chómh garbh sin. Bíodh foidhne agat, téidhir i dtreó an chinn go caoidheamhail, a's is féidir go bhfaghfá árdach uaidh: téidhir fé n-a dhéin go glic, cneasda, mín.

caoidhim: *b.a. 7 n-a.* goilim, liúghaim, déinim brón a's athtuirse. "Caoidhfear amuigh fós Sasana", ars an té a bhí báidheamhail leis, "dá mhéid locht atá agaibh air", nuair nár mhaith leis cómhacht Shasana do bheith dhá ruagadh: beidh aithreachas ar dhaoinibh agus brón gur cuireadh chun siubhail é. Cé chaoidh é nuair fuair sé bás: cé hé a mhothuigh uaidh é. "Ní chaoidhfeadh neach é": níl neach ann go mbeadh brón ná aithreachas ar 'n-a dhiaidh. Caoidhfir do shláinte nuair bheidh sé déidheanach agat: beidh aithreachas ort gur thugais droichcheann di. Ghoill a bhás uirthe go gcaoidhfeadh sí deóra go fuidheach: ag gol go trom agus go fliuch.

caoi-ghol: *f.1.* caoineadh, do dhéanamh bróin, deóra a's uaigneas. Budh thruagh Mhuire í ag caoighol a céile: ag tabhairt deór agus ag caoineadh a cailleamhna. Bean sidhe ag caoighol an Ghearaltaigh: ag ologón a's ag buaidhreamh dochair na dúthaighe.

caoile: *b.4.* cumhainge, gan leathadh; gainne, easbaidh: deighscéimh (an chuirp). "An bhfuil an téad so reamhar a dóthain lé hiomchar na n-éadaighe seo go léir le cur leis an seól etc.?" – "is ar a caoile": tá sí ádhbhar caol: níl an reimheadas oireamhnach innte. Leathanuigheadh an bóthar lé n-a chaoile do tharang(t) tríd (geileas) na ngluaisteán: toisc é bheith róchaol don dtrácht atá air. Comhartha maith reatha seadh caoile cuim con: gan a cliatháin do bheith i bhfad ó chéile. Mara mbeadh caoile an bhídh budh bheag é mo dhoicheall rómhaibh: gainne, gan puinn de bheith ann, léan dubhach air cad é an

cnáimhseán bheadh airsean seachas an domhan uile a's ná raibh riamh aige ach an chaoile: fíorbheagán. Is beag den gcaoile ag baint leis: duine fial, oscailte é. Gearántar anois ar chaoile an leanna duibhe i gcómhnáird leis roim an gcogadh mór: tanaidheacht, neamhbrigh, ceal tathaig. Níl amhras ná go bhfuil caoile i gcosaibh an chorriaisc: neamh-reimheadas: tímcheall beag. Sháruigh sí ar chaoile ar mhnáibh breághtha an cheanntair: ar mhaise a's scéimh do bhuaidh sí ar a raibh de mhnáibh 'n-a tímcheall.

caoimhe: *b.4.* séimhe, míne, mánlacht, áilne, maise, míonlacht, síthbhéalacht. Bean budh chaoimhe briathar dá bhfeaca riamh: a labhradh chómh séimh, deaghbhéasamhail sin. Cuir caoimhe id ghlór: labhair níos miochaire: bí níos mánla id chuid cainnte. Ar chaoimhe a béas déarfainn go bhfuil folaidheacht innte: dréir chneasdacht agus séimhe a gníomh. Muna dtugair caoimhe dhom ní fhreagróchad thu: muna mbír mánla, síthbhéalta liom. Thugadh gach aonne caoimhe an pheictiúra fé ndeara: breághtacht a's maise. Thaithnigh an long lé gach aonne lé n-a caoimhe: líomhthacht a déanta.

caoimheachas: *f.1.* comhluadar, coinnimh. Níor mhéine liom bheith i gcaoimheachas aonne a mhaireas ag éisteacht lé n-a chuid eachtraidhe: i gcómhluadar. Tugadh caoimheachas nár thuillis duit, mar dá mise thu ní leigfinn thar doras thu: gabháil leat agus ceannúir an uile ruda do thabhairt duit.

caoimheamhail: *a.* séimh, béasamhail, cneasda, glé, slachtmhar. Cailínidhe caoimheamhla seadh cailínidhe na hÉireann dréir baramhla: taithneamhach le h-amharc ortha. Ní deacair dul chun labhartha leis, duine caoimheamhail seadh é: deaghmhéonamhail: gan aon neamhmhuinnteardhacht ag roinnt leis. Uisce caoimheamhail lé n-ól do thagann as an dtobar san: uisce maith, sobhlasta, so-ólta. Cuir déanamh caoimheamhail ar an mbróig: í do dhéanamh go slachtmhar cúmtha. Dá mbeadh Franncaigh flaitheamhail mar táid caoimheamhail thaithneóchaidís breis liom: béasamhail taithneamhach.

caoimheamhlacht: *b.3.* séimheacht, cneasdacht. Tabhair caoimheamhlacht don leanbh a's ná bí dian air, ní ránguigh sé bliadhanta na tuigseana fós: bí cneasda leis. Budh dheacair locht d'fhagháil air, caoimheamhlacht ar fad seadh é: caoineas a's cneasdacht.

caoimhneas: *f.1.* cneasdacht, cineáltas, ceanamhlacht. Budh cheart caoimhneas do thabhairt don seanaois: bheith cneasda lé seandaoinibh. Ní dóigheamhail go bhfaighidh do bhréithre borba aon chaoimhneas duit: deaghthoil agus léidh. Ara! mhuise, tá caoimhneas ar an bhfarraige indiugh, níl braon ar chloich ná corruighe ar tuinn: suaimhneas, sos. Duine fiúghantach, deaghchroidheach ná féadfá gan caoimhneas do bheith agat do: báidheamhlacht chroidhe. "Is uaisle caoimhneas ná díoghaltas": deaghchroidheacht.

caoin: *a.* cneasda, séimh, taithneamhach; neamhchorruighthe; mín, mínshnasta. Daoine caoine muinntir an tighe sin go bhfaghfá cainnt a's síthbhéaltacht i gcómhnaidhe uatha: cneasda, deaghoilte, deaghbhéasach. Ní go caoin do labhradh liom ach go goirgeach, neamhfháilteamhail: cneasda, mínbhriathrach, taithneamhghlórach. Táthar go caoin liom go deimhin: gach aonne chun mo thola. Budh phras do phóg sé a béal caoin: béal

deaghchúmtha, súighteach, tairngtheach, mealltach. Chómh-chaoin lé cáirdibh a's le h-iasachtaidhibh: do thabhairt an déanaimh ghalánta chéadna dos gach aonne. Dá ghoirgighe labharfá leis is é an freagra céadna caoin do gheóbhfá uaidh: freagra deaghbhéasach, taithneamhach, neamhchorruighthe. Béal-chaoin a bhí agat leis an té is mó do labhair id choinnibh: deaghlabhartha síthbhéalta. Gan amhras budh chaoin liom maitheas do dhéanamh ort: dob aoibhinn liom é. Ní cáirde caoine atá agam: cáirde ionaitheanta. Seimeann sé go caoin ar an bheidhlín: taithneamhach, ceólmhar.

caoinbheartach: *a.* taithneamach, uasal, fial. Chuir sé in osbuidéal me ar a chostas féin gan ghaol gan chómhgas agam leis. Budh chaoinbheartach uaidh é: fialbheartach, sárghalánta. Siopadóir caoinbheartach a fhóir riamh ar lucht cruadhtain dob eadh é, lé n-a chuid ar earraidhe a's lé n-a phóca: anfhial, deaghghníomhach. I láthair Dé is breágh dho an saoghal caoinbheartach do chaith sé ar an dtalamh so: tugtha do mhaitheasaidhibh do dhéanamh ar a chóimhchríosdaidhthibh.

caoinbhéasach: [**caoinbheusach**] *a.* deighiomchair, deighbheathach. Budh chóra dhuit bheith caoinbhéasach ameasc do chómharsan 'ná droichiomchair: suaimhneas do cheapadh; gan bheith bunoscionn lé cách. Ní chualathas gearán aonne riamh air ach é go caoinbhéasach: beatha ghalánta, chreideamhnach dhá chaitheamh aige. Labhras chómh caoinbhéasach leis a's d'fhéadfadh duine ar bith: chómh honórach, meastamhail: chómh deaghoilte.

caoinbhéas: [**caoinbhéas**] *f.3.* béas maith, béas taithneamhach. Caoinbhéas ag ár sinear dob eadh geitridhe do leathadh i mbéal an dorais oidhche Nodlag fé bhrághaid na Maighdine Muire: béas nósmhar a chuireas taithneamh orainn. Fairír go ndeachaidh mórchuid de chaoinbhéasaibh ár ndaoine ar ceal: béasa uaisle, deaghbhunaidh. Caoinbhéas seadh guidheachtaint ar na marbhaíbh: béas a mhúsclas áthas i gcroidhe an duine. Caoinbhéas dúthchais a cleachtar go fóirleathanadamhail eadrainn, turasa do thabhairt: béas a fhoillsigheas cion ar oileamhaint.

caoindealbh: *f.1.* déanamh córach; cúmthacht; líomhthacht; slacht. Cé hé ná tabharfadh gean dá caoindealbh: crot deagh-chúmtha, taithneamhach. Chonnac áruistidhe caoindeilbh ar bhórd na n-uaisle: deaghchúmtha, deighmhianaigh. Is é an truagh choidhche a chaoindealbh i mbláth óige do dhul an chré: corp córach, amharcach. Éan caoindeilbh seadh an colúr: déanamh taithneamhach ag an súil. Is aoibhinn amharc ar chaoindealbh na gcnoc tráthnóna thiar: déanamh áluinn a's scéimh aoibhinn.

caoindealbhach: *a.* go ndéanamh uasal, deaghchúmtha, fíorshlachtmhar. Ní fheacaidh súil riamh scríobhnóireacht budh chaoindealbhaighe 'ná é, gach leitir mar bheadh clódh: scríobhnóireacht cúmtha go cliste, taithneamhach. Bréithre caoindealbhacha a chuirfeadh aoibhneas ar an gcluais ag sceinneadh ó n-a béilín binn: focal bhreághtha, deaghshnaoidhte ag gluaiseacht in úrlabhra bhinn.

caoindreach: *f.3.* ceannaighthe áilne. Ní raibh a caoindreach ar aon mhnaoi ó Dhaingean aníos: deallramh ceart áluinn.

caoine: *b.4.* cneasdacht, séimheacht, míneacht. Ní caoine go dtí é, mar fuaireas uatha, biadh, deoch a's bheith istigh ist oidhche: séimheacht a's galántacht. D'aithnigheas ar chaoine a chainnte ó thúis go raibh fonn air bheith linn: ar chneasdacht, lághthacht. Ní bhíonn faic caillte lé caoine cainnte do thabhairt uaidh: réidheacht agus cneasdacht: soilbhre labhartha.

caoineachán: *f.1.* déanamh bróin, brón is cathughadh. Níl bun ná deallramh leis an gcaoineachán so go bhfaightear scéala cruinn an bhfuil aonne marbh: gol a's brón: tuireamh. Tá an oiread briseadh croidhe uirthe de chionn bháis a fir go dtabharfaidh sí an chuid eile dá saoghal ag caoineachán: ag gol 'sag brón. Scaip an caoineachán ameasc na ndaoine ar bhás Bhriain: uchlán a's caoineadh gan teóra.

caoineadh: *f.* (*-nte*) do dhéanamh bróin, tuireamh, olagón, caoi, cáiseamh; marbhna. Cé cheap an caoineadh ar bhás Phiarais? cé cheap an iarracht fhileamhail bhróin? Cuirfead i ngábhadh do chaointe thu má bhuailir barra méire orm: marbhóchad thu. Bhíodh aicme ban ann go dtí le gairrid go dtugtí mná caointe ortha: mná gur bh'é a gceárd é gol agus uchlán do dhéanamh os cionn aon mhairbh. Is fairsing iad do mhná caointe: tá an oiread san aithne agus measa ort go bhfuil mórchuid ban gaolmhar agus ban brónach go deórach id dhiaidh. Ní mór a bhí ghá chaoineadh an duine bocht: is beag duine go raibh aon bhrón ortha 'n-a dhiaidh nó go raibh aon ghaol ná cáirde aige. "Ag caoineadh mo chinn ní bheidh na mná": déanfaidh cách dearmhad orm. Tá sé déidheanach anois agat bheith ghá chaoineadh: rud éigin atá thart go deó agus go mbítear ghá cháiseamh. Goideadh earraidhe as an siopa, mar bhí sé gan glas, is déidheanach bheith ag caoineadh é bheith gan glas anois: bheith aithreasach. Beidh caoineadh ban sidhe air siúd: duine chómh tábhachtach san, go mbeidh gach n-aon ag brónghol a's i mbréid dhuibh dho. Táid imtighthe ag caoineadh na marbh: dulta in áit go bhfuil corpán. Beir-se ghom chaoineadh-se fós dá mhéid droichmheasa agat orm anois: braithfir uait go mór mé.

caoineas: *f.1.* séimheacht, réidhnósmhaireacht. Is annsan do labhair fear an chaoinis a's do réidhtigh sé an t-achrann: fear na séimheachta. Gheóbhair caoineas cainnte gan drochthur ná tarcuisne: milseacht briathar agus béas.

caoinianta: *a.* an-chneasda. Bheadh sé caoinianta dá dtugtí caoiniantas do, gan stailc gan spuaic air: cneasda. Nách caoinianta an lucht tighe iad chun buailte isteach chúcha: cneasda, lághach, muinnteardha.

caoiniantas: *f.1.* cneasdacht, miochaireacht, modhamhlacht. Ní mór don gcois thinn sin caoiniantas d'fhagháil, ar eagla a basctha: aire chneasda, mórchuid áirde agus aireachais.

caoinim: *b.a.* goilim, deinim brón; cáisighim uaim. Caoinfir fós an rud atá dhá rádh agam-sa leat mara nglacair mo chómhairle: beidh aithreachas ort 'n-a thaobh. Caoinfir mo ghlór lá is sia anonn ná an lá indiugh: beidh brón ort fós ná géillfeadh dom. Caoin a ndeárnais riamh in aghaidh na mbocht nó is tinn duit tréis bháis: bíodh brón 'n-a dtaobh. Duine gan chreideamh, gan choinsias ná caoinfeadh athair ná máthair: duine neamhchradhscalach ná cuirfeadh faic in ao'chor buadhairt ná brón air. Creid me leis gur

chaoineamair go maith gan tu bheith 'n-ár measc: gur bhraitheamair uainn thu go dian. Caoinfir fós an méid airgid do chaithis ar an áit sin: beidh a aithreachas ort.

caointeach: *a.* brónach, caoidheach, aithreasach. Och, ní gábhadh dhuit bheith chómh caointeach as a bhfuil caillte agat – scilling!: aithreachasach. D'innis sé scéal caointeach ar a mhairgidhibh go bhfaigheadh sé cabhair dhéirce: scéal brónach. Dá chaointighe bhíodh sé i ndiaidh a mhná budh ghairrid gur phós sé airís: dá buadhartha a's dá bhrónráidhtighe bhí sé. B'fhada an ceanntar caointeach i ndiaidh báidhte an bháid: brónach agus buadhartha.

caointeachán: *f.1.* do dhéanamh bróin a's éagcaoineadh. Is air siúd a bhí an caointeachán, puir mhór a fhág muirear mór 'n-a dhiaidh: an golgháir. Bean chaointeacháin a bhí ainmighthe lé breághthacht a gotha: bean a chaoidheadh i nduain ar thórramh nó i sochraid.

caointeóir: *f.3.* duine a bhíos ag caoi nó ag cáiseamh. Scata caointeóiridhe ban ag árdach a nglóir i ngéarghol: mná bróin báis. Ní sháiseóchadh faic an caointeóir sin dá mbeadh saidhbhreas Éireann aige: cnáimhseálaidhe.

caointeóireacht: *b.3.* do dhéanamh caointe nó bróin nó cnáimhseáin. Ní hé an chéad uair ag caointeóireacht agam é ná a chúis agam: ag déanamh bróin ós árd i dtaobh na marbh. Ag caointeóireacht atá a shaoghal tugtha aige, an cníopaire: ag déanamh gearáin is cnáimhseáin.

caoir: *b.5.* meisce throm. Cuireadh fíneáil deich scillinge ortha i dtaobh bheith ar a gcaoir lá an phátrúin: mearbhall dighe: meisce. Budh ghairrid an mhoill ar bheathuisce duine gan taithighe air do chur ar a chaoir chroidhearg: meisce throm aindeis. Bhíodh sé ó chaoir go caoir gur theangbhuidh do fá dheireadh, go bhfuairtheas marbh tréis na hoidhche: ó mheisce go meisce.

caoirfheóil: *b.3.* $_{7}$ *5.* feóil chaorach nó uain. Ceathramha chaoirfheóla (-fheólta). Ceann caoirfheóla. Talamh maith caoirfheóla seadh Beiginis: an féar atá ann cothuigheann sé caoire go maith.

caoiscread: *b.3.* scread nó béic bróin nó scréach le tinneas mór. Dhruideas fé dhéin na caoiscreada, cad bheadh ná daoine ag éigheamh ar dhuine a bhí dhá bhádhadh: béiceach mór anabháis. Níor bhfhéidir í do chiúnughadh ach gach aon chaoiscread aice i ndiaidh a fir: gáir brónghuil.

caol-: *réamhmhír a.* neamhchumhang, gann; géar: maiseamhail. D'fhág an t-athair mórchuid 'n-a dhiaidh, ach fágadh Seán ar an gcaolchuid: ar chuid an-bheag. Bróga caol-chumhanga ná raigheadh im ghiorracht ná im ghaor: ró-bheag ar fhaid is ar leathad. Duine caol-chumhang nár fhliuch béal neach riamh: sprionnlaithe, airiceach. Bhuaidh sé ar an saoghal mór, tá sé chómh caol-chruaidh sin: cruinn, neamhfhlaitheamhail. "Ní bhfaghair ach beagán" – "is dócha gur ar an gcaolchuid do tugtar an beagán" (searbhas). Goirtigheadh sa chaoldrom me: an áit díreach os chionn na gcromán. Do chonnac scaoth

de chaol-mhnáibh budh thaithneamh léd chroidhe a's léd shúil ag rinnce ar chlár: mná maiseamhla, deighsciamhacha. Cár cheannuighis an caol-each (le searbhas)?: an capall sciamhach? "Ar chaol-each bán budh mhire lúth": each nó capall seang go raibh deallramh taithneamhach folaidheachta air. Buaileann an mhuir mhór isteach trís na pollaibh, ag caolfheadghal: glór géar, fada, árd. Éan caolchosach seadh corriasc: gan puinn tímchill do bheith aca. Ainmhidhe caolshrónach seadh luch: barr gan puinn tímchill. Nách breágh na caolmhéireannta atá uirthe: méireannta fada, leabhair. Shroicheadar Chuan Fionn Trágha n-a gcaolbhárcaibh: loingeas áilne intseólta. Cé h-é an fear ná tabharfadh gean dod chaolmhalaidhibh néata? malaidhe sciamhacha, deaghchúmtha. Níl caolruibe ar do cheann ná gur maith liom: gach ruibe taithneamhach gruaige. Ritheann caolshrotháin an chnuic ar fad isteach 'on loc: mionaibhnte.

caol: *a.* cumhang, tanaidhe, éadtrom, seang; gann; géar, líomhtha, maiseamhail; aireach, beacht. Tairng go caol ar an airgead mar níl sé rófhlúirseach a's is mór an t-éileamh atá air: caith go neamhscaiptheach é: bí cruinn fé. An rabhais ag faire air, gur braithteach a bhí sé ar a raibh dhá chaitheamh aige, nách caol a bhí sé air féin: aireach, beacht. Níor moladh riamh fear róchaol fé n-a chuid: fear a bhíos baileach, aireach ar a mbíonn aige. Neartuigh an té, cuir a thuilleadh den luibh ar an uisce, tá sé mós caol: rólag. Gan peaca an tómhais do bheith air deirim leat gur caol do ghearraidh sé an t-éadach: gan oiread a's órdlach breise do chur leis an méid cheart. Is iomdha san lá ó thugas taithneamh dod chom chaol: do chom maiseamhail, deaghchúmtha. Is cailce 'sas caol a taobh: geal, maiseamhail, deaghdhéanta, deaghchrotamhail. Ar each caol donn do ghluais sí le luas tar cnoc: seang, córach. Tá an taoide caol go maith anois: lag, laguighthe. Is mór mar chuaidh sé as, tá sé chómh caol le snáthaid: beag 'n-a thímcheall i gcómhnáird lé n-a aoirde a's a thoirt. Carraigeacha géara go bhfuil barraidheacha chómh caol lé snáthaid: neamhreamhar. Bóthar caol ná geóbhadh dá ghluaisteán thar n-a chéile ann: cumhang. Dá chaoile chaithfinn airgead sa chathair, tá gach rud chómh daor san, ná coigleóchainn pingin: dá airighe is da bheachta. Biorruigh caol na tuigidhe sin, an peann luaidhe san etc.: cuir barr (barra) neamhthathaigeach air. Geallamhaint chaol do thug sé dhom: geallamhaint gan puinn misnigh do chur orm. Is caol an rud an dlighe, is deacair gabháil tríthe gan chailleamhaint: éaluightheach, mealltach. Duine is caoile 'ná thu níor bhuail riamh liom, ní fheicfeá do chroidhe dá mbeadh sé ar do bhais agat: is sprionnlaithe. Dob olc an ceann tighe í, ní thugadh sí dá fearaibh oibre ach leite-chaol ar maidin: leite agus an iomad leanna innte. Ragham abhaile caol díreach anois, gan sos, gan moill: gan dul as ár dtreó. Buaileadh caol díreach sa tsúil lé buille dhorn me: fíordhíreach. Bainne caol: uiscealach bainne. Thug sé féachaint chaol orm nár thaithnigh liom: súil ghéar. Féachaint chaol atá aige, déarfainn, ar an gcuma luigheann sé na fabhraidhe: féachaint nách bhfuil róláidir. Sruthán caol uisce: nách bhfuil leathan. Nách caol a thálann an bhó san: nách éadtrom, tanaidhe an bainne ag teacht as a húth. Eochair róchaol do pholl an ghlais: eochair ná beireann greim casta istigh. Ainmhidhthe caola tréis an gheimhridh: ainmhidhthe gan bheathuightheacht, gan chothughadh. "An bealach caol": slighe fharraige anchumhang idir dhá thalamh. Ó Súilleabháin Caol: ó n-a ndéanamh: ortha san do bhí Diarmuid Mac Domhnaill mic Fhinghín Chaoil – láimh le Cill Garbhán (cois Sleachanaighe) a bhí comhnaidhe ortha, agus dream fileata do b'eadh iad uile. Ní gábhadh dhuit bheith ghá mhaoidheamh orm budh chaol é mo chuid de: budh bheag. Ní h-iongadh a bholg bheith caol fén dtráth seo a's a fhaid atá sé n-a throscadh: seang.

caol: *f.1.* (*iol.* caolta) an rud cumhang, neamhfhairsing; an chuid is cumhainge; slighe dhéanta chun uisce d'iomchar ó thalamh le diúgadh nó chun bád a's loingeas do bheith ag trácht air; baill áirighthe den gcorp mar atá caol láimhe: an righe idir an chrobh agus an chuisle; caol drom(a): an ball idir na cromáin tímcheall ó bhun na n-easnaidheach; caol-throigh: an chuid den gcois idir an sáil agus an bonn; caol mhuinil: an chuid den gcorp ós na guailnibh a's ón mbrághaid suas go bun na gcluas a's go folt; caol coise: an ball os cionn na n-alt díreach. Threascair Oscar é agus thug sé ceangal na gcúig gcaol air: an dá righe, an dá chois os cionn alt agus an muineál: ceangal dian doscaoilte. "An Caol" ainm fir a bhí sa cheanntar seal ó shoin toisc a dhéanamh. "Caol an Iarainn", ainm scéil fianaidheachta ar fhear a bhí deacair do chlaoidheachtaint.

caolach: *f.1.* bata, crann óg; tuigidhe láidre; beart slat. Deintear léimeacha capall de chaolach i gcóir na rás: adhmadaidhe éadtroma mar bheadh slata, slisneach, mionghéaga. Ní raibh aige chun é féin do chosaint ach caolach coille: slapar ná raibh ullamhuighthe. Caolach ó Choill Tóime cuirtí ar thighthibh i nDún Chaoin fadó riamh: slata a's géaga mar fhásadar.

caoladán: *f.1.* duine nó ainmhidhe bocht seang. Caoladáin do bhíonn ar an dtalamh bocht so gan mórfhéar: ainmhidhthe tanaidhe gan toirt cuirp. Caoladán d'fhear mhór árd dob eadh an tuinncéir cruaidh, fuinneamhail: aoirde ionchomharthuighthe gan ach tímcheall beag aige. Caoladán con atá ag fagháil bháis leis an ocras: cú gan rian a coda uirthe. Caoladán eascún: gur mó go mór ar a faid ná ar téagarthacht. Caoladán garsúin, gearrchaile, mná, buachalla, fir: iad do bheith seang, tairngthe. Do dhein an taom breoidhteachta úd caoladán díot: do lomuigh is do bhochtnuigh go mór thu.

caoladóir: *f.3.* déantóir cliabh a's ciseán; duine a dhéineas obair thuige. Níor shaor é a's níor chaoladóir é: gan bheith deaslámhach.

caoladóireacht: *b.3.* fear slat d'fhigheadh. Thugadh sé laetheanta fliucha an gheimhridh ag caoladóireacht ó thigh go tigh: ag déanamh ughamach, chliabh, chiseán, bhirrdeóg etc.

caolán: *f.1.* slat bheag, neamhthéagartha, éadtrom; an phutóg bheag. Tháinig breoidhteacht fharraige chómh mór san air gur chuir sé sughlach buidhe na gcaolán amach: an leann buidhe a bhíos istigh sa ghoile. Sin í an obair do thairngeóchadh na caoláin agat: luigeadóchadh tímcheall do chuim thu. Tá an caolán stractha asam ag an obair: ag obair dian.

caolbhórd: *f.1.* ciumhais chumhang, tráigh chumhang. Caitheadh i dtalamh sinn ar chaolbhórd mara: tráigh nó fóraoil ná raibh leathan. Ar chaolbhórd an loca dob aoibhinn liom síneadh seal: an t-imeall idir an port is an t-uisce.

caolchos: *b.3.* cos mhaiseamhail, sciamhach. Ní lá fós é mara bhfuil rinnce 'n-a caolchois: 'n-a cois sciamhaigh. Ní háilne mná go caolchos: ní áirightear bean bheith áluinn gan cosa córacha, sciamhacha bheith fúithe.

caolchrothach: *a.* deaghchúmtha, líomhtha. Dob é Tomás an fear budh dheaghchrothaighe den gclainn: budh bhreághtha lé féachaint air. Budh dheacair do bheith deaghchrothach a's an taom trom breóidhteachta atá curtha aige dhe: cuma mhaith shláinteamhail do bheith air. Dá dheaghchrothaighe duine gheibhtear duine eile a sháruigheas ar áilneacht é: dá fheabhas cuma a bhíos air.

caoldoire: *f.4.* nuadhchoill: coill dharaighe go mbíonn crainn shlíme innte: fáschoill. I gcaoldoire chuala sé an tsidhebhean.

caolfhód: *f.1.* "cnáimhín", bruibín: an fóidín caol a fágtar idir dhá fhód nuair iomchruightear iad i ndéanamh leapan ar dheis is ar chlé, d'fhonn go mbeadh an chlais leathan a dóthain eatartha. "Ní h-oireamh go caolfhód": sé slacht an chaolfhóid an tásdáil cheart ar an gcéachdóir maith.

caolghlór: *f.1.* glór géar, glór gan tathag, glór lag, liach. Mo thuairm nách fada ón nduine sin an bás, níl aige ach caolghlór, ar éigean chloisfeá é: glór lag, íseal. Chuir caolghlór na gaoithe ar an múchán uaigneas orm isteach san oidhche: fuaim chómhnaidhtheach mar feadghail.

caolghlórach: *a.* géar i nglór. Ní fhéadfainn bruic leis an bhfear san, chómh caolghlórach san é: guth ghéar gan tathag a ghoirteóchad do chluas. "Mara an caolghlórach ataoi sa chúinne so etc.": deirtear le duine go mbeadh guth neamhthathagach aige a's a chuirfeadh a charbhall isteach. "Bíonn fuaim caolghlórach ag an madar uisce ist oidhche nuair bhíonn sé ag éigheamh ar a chaomhna.

caolghothach: *a.* géar i nglór. Is caolghothaighe bean ag amhrán 'ná fear: is neamhthathagaighe ceól a fuaimeann ar an gcluais.

caolghuth: *b.3.* guth ghéar, fhaobharamhail. Ní binn éisteacht le duine caolghutha: glór géar ar a n-úrlabhra.

caolnóimint: *b.3.* seal beag bíognach. An diall féin lé déine d'áirighidís air ná faghfá caolnóimint air: an eaga is lugha. Mo dhóthain cúirim do bhí orm an traen do raibeadh ní raibh agam ach an chaolnóimint: an eaga lom, gan faic fé ná tharais. Tapaidh! níl agat ach an chaolnóimint má tá san: le hádh bheidh am agat.

caológ: *b.3.* gort. Caológa: ainmeacha gort: is gnáthach iad do bheith saidhbhir.

caolphollach: *a.* ar phollaibh beaga neamhfhairsinge. Srón chaolphollach a chuireas ar a chainnt: coineann chumhang.

caolradhaircighe: *b.4.* d'aiste chaolradharcach. Caolradhaircighe a tháinig leis ná fuair sé an bheart: ceal radhairce. Lém chaolradhaircighe ní fheicim an clódh: laige radhairce.

caolradharc: *f.1.* radharc géar, radharc neamhfhairsing. Beidh sé ar chaolradharc anois óir ná fuil aige ach an t-aon tsúil: ar bheagán radhairc. Ní mór do dhuine caolradharc do bheith aige chun an phuill sin d'aimsiughadh: cruinn, géar.

caolradharcach: *a.* radharc géar nó cumhang ag. Budh chaolradharcach an fear a chídheadh caora, má's fíor é, ar Inis Tuaisceart ón míntír: radharc cruinn, géar, díochra. Ag dul in aois dom is bun lé me bheith caolradharcach: an radharc bheith ag ceileabradh orm, nó i laige.

caolscrog: *f.1.* muineal seang, caithte. Rug sé ar chaolscrog ar an gcoileach a's thacht é: píobán. Caolscrog bhíonn ar an sroth: muineál fada, caol. Caolscrog na heala: muineál fada lúbach neamhreamhar.

caolscrogach: *a.* scrog, scrogall beagthímchill ag. Éan caolscrogach caolchosach seadh corriasc. Fuaireas buidéal caolscrogach (caolscrogallach) ar an bhfarraige go raibh teachtaireacht as Fhrainncis ann. Crústa caolscrogallach do bhuail leis an bpríochán ná féadfadh sé a phus do chur síos ann. Cuas mór leathan istigh ann béal-scrogallach amuigh ann: béal cumhang air.

caolspágach: *a.* go gcosa tanaidhe, neamhmhórthimchill. "'Sa asailín caolspágach roimis amach" (amhrán): caolghéagach.

caoltónach: *a.* gan bheith trom ná córach sa deireadh. Ní fhéadfadh an bád bheith go maith chun farraige, tá sí caoltónach: gan an leathad ceart chun í bheith taithigeach. Cuas fada caoltónach. Bágh chaoltónach seadh Bágh an Daingin: tá ceann na talmhan di cumhang. Drochtháiliúir dob eadh é nár chuir ach pócaidhe caoltónacha ar mo thriubhas, ná fanann faic ionta: cumhang, neamhfhairsing thíos ionta.

caolughadh: *f.* (*-ighthe*) do dhéanamh cumhang, géar, tanaidhe; cosc; do bhreith chun críche: do bhailiughadh as go cúthail. Dá me thu bhein ag caolughadh liom as an áit, mar táir i mbaoghal do bhuailte: ag imtheacht go ciúin, cúthail, i ganfhios d'aonne. Chonnac an mada ruadh ag caolughadh leis le hais carraige: ghá ghoid féin d'fhonn a's ná tabharfí fé ndeara é. Ná bí ag caolughadh uaim, teastuighir uaim: d'iarraidh éaluighthe chómh neamhfheicseanta a's b'fhéidir. Ní bheadh sé sásta gan bheith ag caolughadh orm go bhfaigheadh sé cao ar mo phóca: ag druideam liom go glic. Gan aon tsúil leis ar deireadh thiar tháinig sé lé caolughadh na hoidhche: lé tuitim na hoidhche. Cuir caolughadh ort féin nó beidh thiar ort, ní sheasóchadh do chuid an caitheamh scléipeach so: coisc an fuadar caithte atá fút. Tá sé isteach go maith ins an mbliadhain anois, is maith an caolughadh atá ag dul ar an lá: giorracht. Mara mbeadh an t-aimeón airgid do bheith aige bheadh caolughadh éigin tagtha air ar an scrioschaitheamh do thug sé air: luigheadughadh. Bíonn na laetheanta ag caolughadh um Shamhain. Dhein an suathadh oibre rug air san Earrach árd-chaolughadh air, d'imthigh an bolg de: tanaidheacht, luime. Fan go dtagann caolughadh ar an dtaoide agus b'fhéidir ná beadh an fharraige chómh láidir sin ná féadfí dul treasna: maolughadh, laige. Is mór an caolughadh ar thigh bhocht deich scillinge na seanmhná a fuair bás: an cursiar. Bítear ag caolughadh isteach ar choca nuair bítear ag éirghe anáirde leis: luigheaduightear ar a thímcheall. "Ní haon

chaolughadh atá ag teacht air", deirtear lé duine a bhíos ag dul i mbeathuightheacht go mór. Thugadar fé ndeara caolughadh ar an ndigh: ná raibh sí dhá roinnt chómh flúirseach a's bhí. Ní mór an dola do chaolughadh sara dtéidhidh sé síos 'on pholl: baint dá thímcheall. Ag caolughadh na dtuigidhe lé sciain: ag cur beara géir ortha. Mara mbeadh caolughadh bheith ar do radharc do chídhfeá na leitreacha móra san chómh gairrid duit: leónadh. Féach an bhféadfá do lámh do chaolughadh síos 'n-a phóca: do chur ann go haicilidhe, gan é ghod bhrath ná aonne ghod thabhairt fé ndeara.

caoluighim: *b.a. 7 n-a.* éirighim lom, tanaidhe, dearóil: cuirim barra géar ar rud: leónaim (an radharc): coiscim me féin: ciorrbhaim orm féin. Chaoluigheas liom ón gcruinniughadh nuair feacthas dom an saghas fáiltighthe a bhí réidh dom: bhailigheas liom go cúthail gan puinn fothruim do dhéanamh. Chaoluigh sé isteach ar shlighe éigin 'n-a measc gur measadh gur dhuine den gcomhluadar é: d'éaluigh sé isteach go cúthail, glic. Do chaoluigh an radharc orm go mór lé déidheanaighe ó bheith ag síorléigheamh: chuaidh sé i laige 'si gcaoiche. Caolóchair do radharc ó bheith ag féachaint i gcoinnibh na gréine: luigheadóchaidh sé. Caoluigh ar an ólachán nó fágfaidh sé an tinn ort: ná caith an oiread de. Caoluigh ar an airgead: caith é níos airighe, níos cúramaighe. Caoluigheann na hainmhidhthe lé dubhluachar na bliadhna: lomann siad: imthigheann feóil díobh agus seargaid. Obair do chaolóchaidh thu: a bhainfeas cuid den reimhre dhíot. Is mór mar chaoluigh an leann dubh ó aimsir an chogaidh mhóir: mar chuaidh sé i dtanaidheacht. Nuair chaoluigh laetheanta a bheatha thuit sé chun diadhachta: nuair dhruid sé leis an mbás. "Táim caoluighthe go maith anois agaibh" ars an cearbhach gur buadhadh cuid mhór uaidh.

caomh: *a.* séimh, cneasda, miochair, caoin; áluinn, uasal, luachmhar. Duine caomh seadh mo chara, gur furaiste céstáil leis: duine mín, deaghthola. Labhair níos caoimhe leo más mian leat iad do chur measa aca ort, ní thaithnigheann leó: níos caoine. Is caomh ag an gcoitchiantacht é, mar is mór a ndeárna sé ar a son: is luachmhar aca é. Níor chaoimhe dhuit bheith i gcuideachtain aonne mar ní beag iad a chuid eachtraidhe: níor bh'aoibhinne. Daoine caomha b'eadh na Sean-Ghaedhilg, meastamhail ar a dtír a's ortha féin: daoine uaisle. Bí caomh liom: muinnteardha.

caomh: *réamhmhír a.* áluinn, caoin, deaghsciamhach. Cé hé do chaomh-chara an tseasaimh fhearamhail a's an chuma mhaith: infhéachta. A chaomhchara, níl bean ar domhan is ionmhaine liom 'ná tú: a chara chaoin, cheanamhail, intseirce. Níl aon bhaoghal ná go bhfuilim ameasc caomhcháirde: daoine fíormhuinnteardha, dílse.

caomhach: *a.* muinnteardha, caradamhail. Daoine caomhacha dob eadh mo shínsear, go mbíodh fáilte a's flúirse aca do charaid a's d'iasachtaidhe: galánta, caoine, deaghchroidheacha. Caomhach is méine liom mo chuideachta agus ní achrannach, doithigheasach: caoinchonbharsáideach, meónamhail.

caomhacht: *b.3.* muinnteardhacht, cúlbhántacht. Maidir lé caomhacht de, ní furaiste buadhachtaint ar an té a thugas cuireadh chun a thighe a's a choda dhuit: muinnteardhacht, deaghthoil agus meas. Muna mbíonn caomhacht ag baint leat beidh ceal cáirde ort: fonn deaghthola agus deaghmhéine do chách.

caomhaint: *b.2.* coigilt. Is fearr caomhaint ná caitheamh: b'fhearr do dhuine gan a chuid ar fad do scaipeadh in aonfheacht.

caomhamhaint: *b.3.* cosaint, aire, suim chúramach. Fuair sé caomhamhaint iongtach ós na banaltraibh, de ló agus d'oidhche 'n-a thímcheall 'sa n-aire: ceannúireacht a's freastal maith. Ní hionmhaoidhte dhóibh in ao'chor ar thugadar de chaomhamhaint di: de chneasdacht is de chion. Deirtear go mbíodh daoine ar a gcaomhamhaint san gCúil Iarthaigh sa tseanaimsir le heagla saighdiúiridhe: ar a gcosaint a's ar a dteicheadh.

caomhamhlacht: *b.3.* dathamhlacht, muinnteardhacht. "Cailínidhe finne, deighsheasaimh, glanchroicinn go raibh caomhamhlacht ionta dob eadh mo chlann inghean", ar sise go bródamhail: breághthacht. Níor scar an chaomhamhlacht léi seo ach oiread leis an gcuid eile dá muinntir: thug sí an bhreághthacht dúthchais léi. B'fhearr leis cur fé i dtigh éigin go mbeadh breis chaomhamhlachta ag baint leó: go mbeidís níos muinnteardha. Cara na caomhamhlachta cara do mhairgidhe: cara go mbeadh an leagadh ceart aige leat, ghoilfeadh do ghearán air.

caomhchruthamhail: *a.* go ndéanamh córach, áluinn. Mná caomhchruthamhla dob eadh Déirde, Gráine agus Niamh Chinn Ór: fíor-áluinn, déanamh líomhtha, maordha, cuirp ortha. Éan caomhchruthamhail ar linn seadh an eala: crot a's dealbh taithneamhach uirthe.

caomhchruthamhlacht: *b.3.* d'aiste bheith áluinn deaghchúmtha. Molann na filidhe go léir caomhchruthamhlacht na heala, a geal dath, a seangmhuineál: a déanamh slím, cúmtha, sciamhach.

caomhlasair: *b.4.* bladhm taithneamhach, luisne dathamhail. B'aoibhinn suidhe ós chómhair caomhlasrach teine de mhóin Shléibhe an Fhiolair oidhche gheimhridh: bladhm dearg, te, subháilceach. D'éirigheadh caomhlasair 'n-a leacain aolmhaigh lé támáilteacht: luisne dathamhail dearg.

caomhnach: *a.* cuideachtamhail, cosantach. Ní thuirseóchainn go deó de bheith 'n-a chois, duine chómh caomhnach 'sis féidir d'fhagháil: chómh subháilceach, comhchainnteach. Níor chaomhnaighe liom rud a mhaireas 'ná madra ceanamhail: níor bh'fheárr liom mar chuideachta, bheith im fhochair.

caomhnacht: *b.3.* cosaint, comhluadar, ceannúireacht. Mara mbeadh caomhnacht na n-uaisle ní mhairfeadh na filidhe: cosaint, congnamh a's ceannúireacht. Caomhnacht achrainn ní háil liom: comhluadar daoine go mbeadh fonn bruighne ortha. Tabhair caomhnacht don leanbh san, mar tá sé mothálach, soghoirtighthe: lághacht agus déanamh mín.

caomhnadh: *f.* (*-dhtha*) do choimeád, do chosaint, do shearcadh; do chosc; do shaoradh. Dia do chaomhnadh m'anama ar gach droich-nídh: do chosaint m'anama: aire do thabhairt do a's bheith ghá sheóladh ar a leas. Fágadh clann a dreathár chun a

gcaomhnadhtha: a gcosaint agus a gcothughadh. Cuir tú féin fé chaomhnadh Dé: guidh Dia tú do chosaint a's do threórughadh. Níl baoghal báidhte ort fé n-a chaomhnadh san, bádóir maith seadh é: a chúram 'sa stiúrughadh. Cuma mhaith air, sin é caomhnadh fuair sé n-a leanbh, nár coigleadh faic air: oileamhaint agus cothughadh. Mo chaomhnadh ort! cosain! Dá mbein d'iarraidh é do chaomhnughadh ó shoin ní éisteóchadh sé liom le feirg: do cheannsughadh nó do mhaolughadh.

caomhnaidhe: *f.4.* cosantóir, comrádaidhe, seise, cóngtóir, compánach. Gan de chaomhnaidhe agam i ngabhal an chnuic ach éan na craoibhe: de dhuine ná de bheó 'n-a ghaor go ndéanfadh sé muinnteardhas ná conbharsáid leis. Bíonn sé annsan ó cheann ceann na bliadhna gan neach ná beo 'n-a threó ach caomhnaidhe madra: madra mar chuideachtain, a bhíos 'n-a chois, 'n-a chuibhreann, 'n-a sheódh 'n-a anródh. Chaith sé sé bliadhna 'n-a chaomhnaidhe dochtúra in ósbuidéal mór le linn liagh ionnraimh: cabharthóir nuair cuirtí othair fé sciain. B'é caomhnaidhe na mbocht, nár fhág riamh easbaidh ortha: cara. Táim gan caomhnaidhthe ná lucht leanamhna: níl aonne a bhéarfadh a chomhluadar ná a chabhair.

caomhnaim: *b.a.* coimeádaim buan, cosnaim, cothuighim. Caomhnófar a n-ainmeacha faid is beó d'Éireannach: buanófar: ní leigfear i léig. Muinntir an cheanntair na daoine a chaomhnuigh an Ghaedhilg a's a chómhartha lé n-a chois labhraid fós: do ghrádhuigh a's do thaithigh í coitchianta.

caomhnuighthe: *a.* cosanta, altromuighthe, muinntearuighthe. Dá mhéid a bhís caomhnuighthe ag lucht airgid táir bocht indiugh: cosanta. Mara mbeadh é do bheith caomhnuighthe ag dream go raibh léidh leó cuirfí príosún trom air: iad do bheith mór leis a's gur thugadar a gcabhair a's a gcómhacht do. Sé an duine a bhíodh caomhnuighthe sa pharóiste sin seal dá shaoghal: lucht muinnteardhais aige.

caomhnuightheach: *a.* cosantach, altromach, muinnteardha. Rud caomhnuightheach don dteangain seadh an dá phúnt dos na leanbhaidhibh óga as í do labhairt: cabharthach chun a buanuighthe. Níl aon rud is caomhnuighthighe ar an dteangain ná a cleachtadh luath mall, amuigh is imbaile: is fearr chun a cur chun cinn.

caomhnuightheóir: *f.3.* cosantóir, éarlamh; duine a chabhras le h-aonnidh, a chosnas, a mholas nó a chuireas chun cinn. Níor chaomhnuightheóir dúthamhlachta go h-Eimit: b'é rogha a craobhscaoilte a's a cosanta é. Muna mbeadh gur tosnuigheadh ar an nGaedhilg d'aithbheódhachtaint is beag caomhnuightheóiridhe bheadh aice indiugh: cosantóiridhe, tacaidhe. Caomhnuightheóiridhe na Gaedhealtachta: an dream a thagas 'on Ghaedhealtacht chun Gaedhilge d'fhoghluim.

caona: *f.4.* an síol nó an chloch a bhíos istigh in ubhall nó i dtoradh mar é.

caonach: *f.1.* an múse a fhásas ar chlochaibh, ar chrannaibh, ar charraigeachaibh etc., nách mbíonn bláth ar bith air. Caonach mara: an cineál de a fhásas ar chlochaibh fén sáile.

caonaidhe: *f.4.* aonarán, aonarachán, beó nó rud aonair. Nuair bhí sé in Áth Cliath ní fheaca sé caonaidhe dá aitheantas dá mhéid díobh ann: oiread agus aonne beo. Cad is ciall le me do chongbháil im chaonaidhe annso ag feitheamh: liom féin, gan duine ná daon im thímcheall. Níor tháinig caonaidhe saor as an gcath gan marbhadh: marbhuigheadh iad uile go léir. "An bhfuil aon scilling in ao'chor agat?" – "níl, caonaidhe": ceann amháin. Fágadh 'n-a chaonaidhe aonair i mbun an tighe solais ar feadh na stoirmeach: gan duine ar bith in uaigneas.

caondúthracht: *b.3.* dáiríre, díoghras. D'oibrigh sé gan sos lé caondúthracht gan aon choigilt aige air féin: i ndáiríre cheart: chómh dian, dícheallach agus bhí 'n-a chumas. Budh bheag an cion muinntire a bhí ag réidheachtaint leis, ní mór an chaondúthracht do theasbáin sé d'athair ná do mháthair: díoghrais bheith go maith cineálta leó. Ní ceal caondúthrachta aon dearmhad do bheith annso ach ceal eolais nó cuimhnte: ceal díoghraise oibre. Caondúthracht do chúis na hÉireann do bhí dhá mhilleadh do shíor: cion is fonn maitheasa na hÉireann a bhíodh in uachtar innte aige. Ní bhfuair sé as a chaondúthracht d'Éirinn ach bás i dtigh na mbocht.

caondúthrachtach: *a.* díoghraiseach, scleóndarach, guilmeach. Buachaill caondúthrachtach nár choigil é féin níor bh'iongadh gur éirigh leis: dícheallach, saothrach. Chómhairligh an seanmónaidhe dhóibh bheith caondúthrachtach i dtaobh a n-anama, bheith ag cuimhneamh ar Dhia a's tugtha d'úrnaighe: saothrach dílis, aireach. Dá chaondúthrachtaighe bhí sé do n-a champlacht poilitidheachta ruaigeadar é: dá mhéid d'oibrigh sé ar a chroidhe díchill.

caor-: *i gcomhfhocalaibh* móriomadamhail, lasta, dearg.

caor: *f.1.* sméar, mogall: aon tsaghas bog-mhilis go mbíonn an síol i lár an laoidhin: silín: dlumhas cruinn: liathróid: sméaróid dhearg-theine. Riamh ní raibh a lithéid d'fhuadar fé gan sos, stad ná staonadh, tá sé 'n-a chaor teine ar fad: ag bualadh roimis mar bheadh teintreach neimhe. Meisceóir trom a bhíodh ar na caorthaibh an uile lá, gan eólas a bheart aige: séidte, lasta lé digh mearbhaill. Thuit mallacht na ndaoine ar an dtigh, deirtear, agus dhóigh caor ón spéir: teine aibhle 'n-a déanamh cruinn. Shatail sé ar chaor a loisc go beó é: sméaróid dhearg. Cuirfidh an masla so agus an droichriaghaltas na daoine ar na caorthaibh: le buile. Thug na garsúin lasán den gcraoibh thirim a's fé mhaidin bhí an cnoc in aon chaor amháin: 'n-a dlúimh nó 'n-a bróin mhóir fhairsing. Oidhche spéirghealaighe go raibh réiltínidhe ag imtheacht 'n-a gcaorthaibh tríd an uachtar: 'n-a mbalcaibh beaga cruinne. Ní maith ná ní cóir an crot atá ar an gcois thinn, tá sí in aon chaor amháin: atuighthe, lasta. Fé mhaidean, toisc déine agus síos suas an chatha, bhí an baile 'n-a chaor: mearbhall a's dul tré chéile a's aimhréidheas 'sa haon bhall. Ghoill an ghrian chómh mór san orm go raibh mo cheann 'n-a aon chaor amháin: mar bheadh liathróid mhór dhearg atuighthe. Caor chon: saghas caor. "Tar éis do bheith dearg is searbh blas na gcaor gcon". Caor theine go raibh ort! mallacht mhalluighthe ort. Cuireann an cothughadh maith atá air scáil na gcaor 'n-a cheannaghthaibh: dath glan, glé. Móin go mbíodh ceól innte dob eadh móin Shléibhe an Fhiolair bhíodh caor ghrís aice: sméaróididhe dearga, lasracha. Níl aon rud is mó chuireadh caor ar an seanduine ná moladh Shasana: buile throm.

caora: "Caora mhór an t-uan i bhfad" (seanfhocal): is mó an meas a bhíos ar rud iasachta ná ar rud cois baile: an rud nách eól dúinn dar linn gur iongtach é: bíonn adharca móra ar na buaibh tar lear.

caoraidheacht: *b.3.* nath, úidh, aire chómhnaidhtheach na haigne ar aon rud. Tóg aghaidh do chaoraidheachta dhíom, a dhuine, níl aon fhonn toirmisc agam leat: an aire, an fhéachaint, an ceann atá dhá thógaint díom. B'ait liom an chaoraidheacht a bhí aige, an fhéachaint a's an tabhairt fé ndeara agus gan aon aithne ó thalamh an domhain agam air: an ceann scruduightheach a bhí dhá thógaint aige dhíom.

caorán: *f.* blúire d'fhód móna: móin róchruaidh, ródhubh a imthigh n-a chaoránaibh. Caith na caoráin i mbárr na teine a's lasaid go tapaidh. Ag caitheamh caoráin: fiosracht neamhchuibheasach. Caoraidheacht an domhain bhraonaigh a bhí air ameasc earraidhe an tsiopa: ag dearcadh ortha a's ghá n'infhiúchadh le hiongtas. Chonnaic na hiascairidhe ainmhidhe mór, coimhtheach a lean iad ar feadh i bhfad, is ortha bhí an t-áthas nuair thóg sé aghaidh a chaoraidheachta díobh: nuair stad sé de bheith ag déanamh iongaidh díobh.

caorbhuile: *b.4.* báine, buile thar bhuile, fíoch, stradhain; fiardhamhaigh: ar dearghfhliuchaigh le feirg. Thagadh caorbhuile ar an seanduine seo againn le gráin di nuair chloiseadh sé aonne ag moladh Shasana: lasadh sé ó thalamh. Phreabamair i gcaorbhuile ar na dubhchrónaigh ghá leadradh ar gach taobh: go fiadhain, fíochmhar. An dath dearg an rud chun caorbhuile do chur ar tharbh: é do chur fiadhain glan le fíoch.

caorbhuileach: *a.* fíochmhar, deargfeargach. Ní raibh neach budh chaorbhuilighe 'ná muinntir an Daingin nuair chailleadar an t-airgead do bhí súncálta aca i ngleódhalachaibh sa Bheilg: budh mó go raibh fearg a's gráin ortha.

caorghail: *b.3.* bladhmanach chroidhearg, róthe; dorchughadh, néalta. Nuair stiallann an bhóchna ameasc na gcarraigeach bhfiadhain sin déineann sí caorghail a chuirfeadh uathbhás agus áidhbhéil ar do chroidhe. Ní teine atá sa tigh seo ach caorghail: bladhmsach, raidhleán teine. Chuireas ar caorghail é nuair dubhart gur mheathtach é: le buile mhór. Caorghail na taoide do chaill an snámhaidhe: fuirse agus castacht an uisce. Lé caorghail na hoidhche d'éaluigheadar isteach 'on chuan fé scáth na bhfaillteach: agus néalta na hoidhche ag tuiteam.

caorlasadh: *f.* (*-sta*) splanncrach; an splannc a leanas tóirneach: an teine aibhle geintear i nglinntibh an aoir nuair thuarghann scamaill a chéile. Ins an bhFrainnc sa Chogadh Mhór bhíodh na spéartha ar caorlasadh ag piléaraibh gunaidhe mór. Oidhche chaorlasta chómh diamhair a's tháinig as an spéir riamh dob eadh í chómh dorcha lé tóin an phúca go bpléascadh an splannc: go n-iomad teine tóirnighe. Oidhche phósta go raibh an tigh ar caorlasadh a's rinnce a's ceól, amhráin, biadh a's deoch: an áit soillsighthe ag mórchuid lóchrann. Téanuighidh, a bhuachaillidhe, déinimís gleódh a's seodh, cuirimís an baile ar caorlasadh: cuirimís an áit ar barr ithreach, tugaimís barra dearg air: déinimís suatha a's cur tré chéile ar an áit.

caorthann: *f.* lasair mhór, bladhm; fíoch. Thug duine éigin teine don gcoill a's fé mhaidin bhí sí n-a caorthann uathbhásach: crainn ag cnagairt a's deatach. D'éirigh an fharraige le holcas an lae 'n-a caorthann: do las sí go dásachtach.

caorthann: *f.1.* crann luachmhar i dtaobh a choda adhmaid agus an fháis thapaidh. "An Bhruidhean Chaorthainn", ainm sean-scéil. "Raighead 'on Bhruidhin Chaorthainn", deirtear nuair bítear ar tí dulta go tigh tábhachta nó tigh go mbíonn mórán cainnte mar gheall air; nó dá mbeadh tigh mór go mbeadh cuma shuaithinseach air tugtar an ainm sin air.

caorthonn: *b.3.* tonn mhór, árd. Mhúch caorthonn an charraig: uain fharraige uathbhásach le haoirde a's fuinneamh.

caoth: *b.3.* [**caoi, cao**] cóir, cumas, gustal, neart, comar, gléas, sás, slighe, bealach. "Connus taoi?" – "ar an gcaoth gcéadna i gcomhnaidhe": ar an gcuma chéadna a's bhí sé. Dá bhfaigheadh sé an chaoth air dhéanfadh sé do dhíobháil, seachain: slighe, lom. I gcaoth go bhféadfainn maireachtaint i ndeireadh mo shaoghail díomhaoin gan duadh shaothruigheas airgead dom féin: i slighe go. Is caol é a chaoth ar éalódh ón gcroich, aonne mhairbh duine: an fhaill, amus. Níor shroich sé an gluaisteán mar ná raibh caoth aige ar an airgead d'fhagháil ar cáirde: amus, dul, slighe, cuma. Ní raibh aon chaoth aige air gan an fhuinneóg do bhriseadh: ar an gcuma a bhí fé ní fhéadfadh sé dul as. "Bádhadh é, slán mar n-innstear é" – "á! deineadh san? Ní raibh aon chaoth aige air": ní fhéadfadh sé dul uaidh: bhí sé i ndán do: théidheadh sé in iomad contabhairtidhe; sin é fuadar a bhí fé. "Ní raibh aon chaoth agam air": deir duine nuair dheinin sé botún, nó neamhchoinne nó éirigheann rud éigin do – árus do bhriseadh, a mhéar do ghearradh, rud do chailleamhaint nó neamhchoinne éigin. Bíodh gach aonnidh i gcaoith a's i gcóir agaibh chun iascaigh um thráthnóna: in oirear, in órdughadh cheart gnímh. Budh bheag coinne bhí ag an gceann go mbeadh na cúntaisidhe i gcaoith agam nuair phreab sé orm chun mo dhíobhála: in órdughadh. Ní bheadh airgead ná ór buidhe aige ná caoth aige air: slighe, amus, acfuinn ar é do dhéanamh. Fuair sé caoth cheart ar é do bhualadh dá mbeadh an feall ann, nuair bhí sé ar lár: cuma, slighe. Níl aon cheal caoithe ort chun do dhóthana do léigheamh, sin flúirse leabhar agat: slighe agus amus. Ní tháinig aon chaoth air go n-éireóchadh leis, bhíodh an saoghal trom riamh air: ní tháinig atharughadh ratha ná aiste air a chuirfeadh aon chor 'n-a bheatha. Ní h-í an chaoch chéadna bhíonn ag an mbeirt aca ag déanamh an ruda céadna: slighe comar. Tráth n-aon bhíodh caoth mhaith ortha súd ach tháinig cor an tsaoghail 'n-a gcoinnibh: bhíodar go maith as. Mara gcuirtear caoch ar an dtigh sin tuitfidh sé i ngabhal a chéile: é do chur ar aiste cheart.

caothamhail: *a.* ádhmharach, rathamhail, áiseamhail, cúláisteach, acfuinneamhail, tráthamhail, comhthromamhail. Budh chaothamhla go mór don té bhí i láthair na cainnte an cúrsa do thuigsint 'ná don té a bhí ag brath ar an bpáipéar nuadhachta: budh chomhthromamhla dho: is aige is mó bhí deis air. Dar liom gur bhuaileas mo sparán in áit chaothamhail go bhfaighinn gan duadh é nuair theastóchadh: áit acrach, ná beadh i bhfad ó láimh. Tháinighis in am chaothamhail má tá ocras ort, tá an biadh réidh: tráthamhail. Tréis bheith ag cuardach na mara dóibh le luingeas líonmhar fuair sé go caothamhail a namhaid bailighthe ar angcaire i gcuan: in áit gur bh'ann dob fhusa iad do throid. Ag

siubhal ’on Daingean do bhuail gluaisteán go caothamhail liom a thug síob dom: go h-ádhmharach. Gaoth chaothamhail seadh an ghaoth aniar do luing aoir ag teacht ón Oileán Úr: gaoth acrach, chabharthach. Chuir sé siopa chuige i mball chaothamhail mar a mbíodh bualadh na ndaoine go léir: áit acrach do dhaoinibh chun dulta ann: áit a bhí fé bhrághaid na ndaoine. Na húirlisidhe bheith aige a dheineas caothamhail do an obair do dhéanamh: a chuireas ar a chumas breis. Imthigh ag triall ar pháipéar dhom ó tá aimsir chaothamhail agat: eaga, neamhaistearach, díomaoin. Caothamhail go maith rángbhaidh maidrín ’n-a fhochair a ghreamuigh an tarbh ar a shróin, mara mbeadh san, marbh do bheadh: ádhmharach, acrach. Bead caothamhail go maith ambáireach ar scríobh chuige: díomhaoin nó díoghnóthach, beidh ar mo chumas.

caothamhlacht: *b.3.* comhthrom, acracht, cuma, sás, gléas. Is iongtach ar fhoghlumuigh sé de Ghaedhilg ar an gcaothamhlacht a bhí aige: ar an bhfaill (bhig) do fuair sé chuige. Dubhairt sé go dtiocfadh sé ar a chaothamhlacht a’s ná tiocfadh go dtí san: nuair bheadh sé oireamhnach do teacht. Bíonn caothamhlacht éisc ag an té a chómhnuigheas cois farraige: amus. Duine róchúramach ná bíonn caothamhlacht caithimh aimsire aige: an uain, an fhaill, fagháil eaga.

caothuighim: *b.a.* cuirim i gcomhthrom, i gcaothamhlacht, ar dheis do dhuine. Sé chaothuigh dom teacht chómh luath gur thug cara dhom marcaidheacht dom: chuir im threó, ar mo chumas.

capall: *f.1.* ainmhidhe aithnideamhail ceathairchosach chun tairnge ualaigh nó marcaidheachta – crúb mhór shlán air, sé fiacla gearrtha i ngach corán, agus dá chairfhiacail. Baintear áis as an bhfocal chun gairbheacht nó neamhshlachtmhaire ag baint leis. “Ní capall me agat”, deir duine nuair bítear ag cur ualaigh rómhóir air. Capall mná atá chómh láidir lé fear: bean mhór, gharbhchnámhach. Ag obair ar nós an chapaill díreach ag déanamh oibre maith a dhóthain do chapall. “Mharbhóchadh an deoch san stail chapaill”: cuireann san neart na dighe i gcéill do dhuine. Ní bhead im chapall feasda agat, faigh duine éigin eile chun do chod oibre: ag obair ar nós scláibh. Capall farraige, ainmhidhe cosamhail leis an gcapall talmhan atá san mhuir, deirtear. Capall maide: rothar. Is iongtaiseach bítí de chapaill mhaide fadó: féach anois, gluaisteáin a’s eitealláin. Rás capaill maide. Nuair bhímis beag bhíodh capall maide againn – clár treasna claidhe nó aon rud a fhóghanfadh mar lár comhthruim: duine suidhte ar gach ceann de agus iad síos suas.

captaen: *f.* ceann, treóraidhe, fear ceannais luinge, báid, fuirinne (peile, saighdiúiridhe, luchta imeartha) nó gasra a bheadh i bhfeighil ruda éigin áirighthe do dhéanamh. “Is mór an scata cladhairidhe sibh, a gharsúna” – “tusa ár gcaptaen, mhuis”: duine is measa ’ná sinn, duine a threórochadh ar chladhaireacht sinn. “Captaen na luatha”: captaen nó oifigeach airm nár fhág an luaith riamh nó ná deaghaidh i gcath. “Captaen na luatha ó Bhaile an Ghoilín” a tugadh mar leasainm ar dhreatháir Thighearna Fhinn Trágha in amhrán, toisc nár thug fóghnamh riamh uaidh. Toghaimís captaen anois go bhfuilimíd bailighthe i bhfochair a chéile: fear riartha a’s órduighthe.

captaentidheacht: (**captaenidheacht**) *b.3.* feidhm an fhir a bhíos i gceannas luinge, báid, fuirinne saighdiúiridhe etc., nó gasra oibre. Tréis mholta a chaptaentidheachta féach nár thug sé an long ar leaba ancaire leis: d'aimhdheóin a fheabhasa mar eólghaidhe luinge. Teacht isteach i lár oidhcheanta diamhaire dorcha fiadhaine i ndroch-chalaidh níor chaptaentidheacht go dtí í: sárthreórughadh. Déanfadsa captaentidheacht oraibh ag éileamh ár gcirt agus breis tuarasdail: bead mar theanga labhartha agaibh.

car: *a.* briosc, soibhriste. Clocha cara nách maith chun tógbhála. Cnámha cara a bhí fé bhrisfeadh aon ósbairt iad: cnámha gan fulang.

cárda: *f.4.* oireamhaint déanta de bhlúire chlár fiacla cairche ann curtha i ndrom leathair chun olna do chíoradh a's roiléithidhe do dhéanamh di.

cardaidhe: *f.4.* an bhean a bhíodh ag cárdáil olna a's ag déanamh roiléithidhe dhi.

cárdáil: *b.3.* do chíoradh is do dhéanamh roiléithidhe olna: do dhéanamh suainseáin: ag cur síos ar dhuine: ag cúlchainnt. Ag cárdáil na ndaoine chaitheann sé a shaoghal – ghá rádh nách bhfuil aon mhaith ionta, gur chladhairidhe iad, nách fiú faic iad ar aon chúrsa: ag itheadh na feóla fuaire ortha. Tréis na cárdála ar fad ar a chéile thángadar chun muinnteardhais: an cháinte a's an gearradh brághad. Níor bh'fhusaide aige tú do mholadh ná tú do chárdáil: níor bh'eol duit agat nó uait é. Bhíodh muileann cárdála i gCnoc na h-Abhann a's is beag cárdáil tighe déintí as san amach: rollaidhe spíceacha in ionad na gcárdaidhe lámh. Caithfead stad d'aighneas libh, tá an iomad cárdála fachta agam: tuargaint argóna. Ceaca is measa chun cardála: táinseamh. "Sin í an chárdáil!" deirtear ar chlos daoine ag áiteamh go trom, nó ar rud scríobhtha a bheadh dian, millteach, cáinteach.

cárdálaidhe: *f.4.* cárdaidhe, duine a chíoras 'sa shlámas olann, sa dheineas roileithidhe dhi: bíodán duine, báirseóg. Cárdálaidhthe ná stadann ach ag tromaidheacht ar a chéile: lúdarálaidhthe, suainseánaidhthe. Seachain cárdálaidhe duine, mar nách ar an bhfírinne fhanann sé: duine gan aon tsrian lé guibh a ghlóir. Cárdálaidhe ná téidheann sos ar a teangain ach ag gabháil dá cómharsanaibh gan chúis gan adhbhar.

cárdálaim: *b.a.* cíoraim a's déinim roiléithidhe d'olainn, cáinim, tromuighim ar dhuine, ithiomrádhaim. Budh chliste chárdáluigheadh na seanmhná trom, daingean ar dtúis ag slámadh na holna, annsan go h-éadtrom, tric. Seadh, mo thuairm go bhfuilim cárdálta go maith anois agaibh: bhur leórdhóthain de chóiriughadh curtha agaibh orm. Chárdálfadh sé a chómharsa ar fheóirling: b'fhuraiste leis cúlchainnt is ithiomrádh do dhéanamh ar dhuine.

carghas: *f.1.* troscadh dachad lae do thugann Caitliocaidhthe dá n-aire i gcuimhne ar throscadh ár Slánuightheóra san bhfásaigh – ó Chéadaoin an Luaithrigh dho go Domhnach Cásca: seal troscaidh. Seadh anois, ná fuil aon tobac againn dár gcuid beidh thiar orainn ag brath ar chách, bíodh sé 'n-a charghas mar sin: déintear dhá cheal. Cad n-a thaobh ná hitheann sibh an fheóil sin ar crochadh anuas agaibh, ní hé go bhfuil carghas agaibh dhá dhéanamh? fanamhaint ó n-a hitheadh. Tá do cheart agat de (d'aon rud), déin

carghas anois: caithfir déanamh leis an méid atá fachta agat. Is mór an carghas tobac é gan aon ghal lé coighcíos: easbaidh. Ní leigfeadh an dochtúir do aon ghreim feóla d'itheadh, is mór an carghas air é agus an dúil atá aige innte: an troscadh éigne: seachnadh neamhthoilteanach.

carn: *f.1.* clais mhór mar clocha caithte ar a chéile go ndéineann cúil mhór díobh, cnocán; leacht: an-chuid: spreighill. Ó thuirse na hoibre a's a fhaid gur chuir sé a cheann tharais thuit sé n-a charn codlata: mar bheadh rud gan anam le traochtacht. Go saoraidh Dia sinn! tá carn déanta de le feóil a's buige: toirt mhór mhíochuibheasach. Dhein aon charn amháin de leis an ndíomhaointeas a's beatha mhaith: toirt neamhchúmtha. Deirtí go raibh carn airgid sa bhannc aige: cuid mhór, clais, cúil, cnuasach. Fén gcarn atá i mullach an chlasaigh tá fear curtha: leachtán cloch chun beochuimhne do choimeád gur marbhuigheadh fear ann aimsir na gcreach agus é d'iarraidh ainmhidhe leis do bhaint den lucht foghla. [Ní fuláir do gach duine a ghaibheas an treó dó nó trí chlocha do chaitheamh air ag déanamh nósa den sean-rát]. Dá mhéid feirge atá agat liom agus dá mhéid lúthgháir do bheadh ort me d'fhagháil bháis cuirfead cloch ar do charn le cóngamh Dé: mairfead tharat. Geallaim gur beag púir tu a's gur beag chuirfidh cloch ar do charn le brón: is beag chaoinfidh thu. Carn i mbun siopa seadh é ná fuair aonne ádh ná ealadha riamh air: duine gan aon tabhairt amach ann, gan féith féile ná muinnteardhais ann. Bheadh airgead 'n-a charn aige dá mbeadh ciall aige: mórchuid airgid. Is dána gach coileach ag glaodhach ar a charn aoiligh féin: ar a sheilbh féin. Bhíodh carn mór daoine ar an gcrosaire, bliadhanta ó shoin, ag rinnce: sluaighte, cómhthalán. Carn cuimhne go raibh ort! marbh go rabhair. Cheannuigh sé carn leabhar ar an gceaint: mórchuid leabhar. Carn aoiligh, airgid, éisc, cloch, leabhar, áruistidhe, etc.

carn-: *i gcomhfhocalaibh* cialluigheann cuid mhór nó cómhgaracht, tiugh ar a chéile. Carnfholt: folt fada, muirearach. "A carnfholt néamharach, péarlach fada tiugh cas baclach léi-se ó bhathas go bróg". Is gairrid do bhreith an bhó san ar an gcarnúth atá aice: an t-árus bainne, borrtha lé h-aibheamhlacht.

carnach: *a.* 'n-a chnocánaibh mar folt, féar, slaodaigh. Is fada ó mhaoile í, is uirthe atá an ceann carnach: go flúirseach fé ghruaig. Talamh carnach gur deacair treabhadh ann: in a bhfuil mórán clochán cruachta ar fuaid na háite. An áit ar fad go carnach le hiasc: iasc 'n-a chocánaibh tréis a thabhartha i dtalamh. Ceanntar carnach seadh Corca Dhuibhne: cairn go hiomadamhail lé fagháil ann.

carnadh: *f.* (*-tha*) do chruachadh nó do bhailiughadh anáirde ar a chéile, do theilgean lé foirneart. Fir acfuinneach ag carnadh mhóna chómh mear agus baintí dhóibh í: dhá caitheamh a's dhá h-ionndrabháil. Dhein súd carnadh ar airgead, tá a rian air, tá sé sa bhannc aige: cnuasach agus cnúisciún. Nách cuma dhíbh, mise tá ag iomchar an ualaigh, bídh ag carnadh orm: ag caitheamh a's ag méadughadh.

cárna: *f.4.* feóil ainmhidhthe mharbha; ár; scrios; brothaireacht. Níl ceal cárna ar thigh an bhrothaire seo: go leór feóla marbha. Cárna gránda gan scropal dob eadh marbhadh Dhún an Óir: ár, scrios neamhthrócaireacht. Níl fiadh ná girrfhiadh san áit ná go bhfuil cárna déanta aige ortha: iad marbh gan aon choigilt dóibh.

cárnáil: *b.3.* cnocán, clais, cúil (clocha, féar, iasc, leabhartha etc.); do bhailiughadh a's do chruinneáil os chionn a chéile. Fuairtheas cárnáil chnámh nuair bhítheas ag déanamh an bhóthair sin, deirtear go raibh cath ann: clais chnámh. Nuair bailightear cuid mhaith d'aonnidh mar féar, feamnach, airgead etc. ar a chéile deirtear, "is mór an chárnáil í": an bailiughadh os chionn a chéile. Chaill sé cárnáil a shaoghail nuair iadhaidh an banc air: an méid airgid a bhí saothruighthe aige. Glanadh as thóin an phuill cárnáil na bliadhna go léir: an méid a bhailigh ar a chéile. Seadh, ní misde leat bheith ag cárnáil mo locht: ghá n-ainmiughadh a's ghá n-áireamh go mion.

carnaim: *b.a.* caithim anuas ar a chéile, cuirim i bhfochair a chéile. Charnas an mhóin cois an chlaidhe as an slighe: chuireas n-a cnocán cúláisteach. Dá gcarnadh sé na mílte caithfeadh sé airís é: dá mbailigheadh sé. Charnóchadh an sprionnlóir sin mar a bhfaghfá bás den ocras: dhéanfadh sé cnocáin airgid do chur lé chéile. Ní carntar oiread airgid a's déintí san Oileán Úr: ní saothruightear é.

carnán: *f.1.* cnocán, carn beag, clais (cloch etc.) cuibheasach mór. Thuilleas carnán maith airgid i rith an chogaidh: suim mhór. Leagadh ar charnán cloch me dem rothar a's gearradh mo ghlúine: clais chloch ghnáiste ar thaobh an bhóthair. Shéid an pléascán sa scairt a's dhein sé carnán marbh de n-a raibh ann: clais, cnuasach. Shuidheadh sé i ndeireadh shaoghail dho ar charnán ar chúl an tighe, mar a mbíodh radharc fairsing aige: árdán cnuic. Rinne na dathacha carnán gan lúth gan luadar díom: tnuathairt neamhanamamhail, allait gan corruighe éascaidh. In a gcarnánaibh codlata chaithid an Domhnach tréis thuirse na seachtmhaine: 'n-a slaodaibh gan chor.

carnuighim: *b.a.* carnaim: caithim ar a chéile. Carnuightear ar an uaigh: cuirtear leacacha agus fóid uirthe. Charnóchadh sé iasc i mbád go n-imthigheadh sí síos fé 'n-a chois: chuirfeadh sé 'n-a bhalcaibh anuas ar a chéile.

carnughadh: *f.* (*-ighthe*) do bhailiughadh anuas ar a chéile. B'iongtach an carnughadh do dhein a's fiche míle d'fhágaint tréis a bháis: an bailiúchán: an cruinniughadh a's an saothrughadh. An carnughadh salachair atá thiar ar do chúl ní ghlanfadh an abha é! an bailiughadh a's ceangal isteach.

carnuighthe: *a.r.* bailighthe go dlúth ar a chéile. Carnuighthe tá sé agat, a bhuachaill, ní gábhadh dhuit aon imshníomh easbaidh bheith ort: bailighthe, cruinnighthe, tá fuighleach airgid agat. Níor stadadar an triúr aca ghom shuathadh a's ghom tharangt go rabhas carnuighthe ar a dtoil aca: láimhseálta, tuargtha, ionndrabhálta.

carr: *f.3.* teimheal, balc salachair, othar. Té láidir óltar san iarthar bíonn carr ar na háraistidhibh 'n-a dhiaidh: rian coirte an té. Ar an gcarr atá ar do mhuineál ní dheallramhóchainn duit gur nighis tú féin le fios cathain: teimheal agus salachar. Bailigheann ualach de charr cré ar a bhrógaibh sa bhfliuchán: clúdach righin, ceanglach, lé n-a fhaid gur glanadh é, carr ar fad seadh an tigh: tá teimheal i ngach áit ann. D'fhás carr bán cruaidh ar an ngleamach le haois: screamh nó clúdach. "B'fhearr carr meirge do leigeant ar chloidhtibh", arsa fear na síothchána 'ná troid do dhéanamh leó: screamh

meirge. Is minic do thagann carr throm ar cheann leinbh: sail chnis [cneasuightear é le billeógaibh eidhneáin do bhogadh a's do chur leis]. Tagann carr ar thóin áthraigh ag caitheamh na mara: clúdach cruaidh mar bheadh craig phartáin.

carra: *f.4.* cairt, gléas iomchair, trucail, trucail traenach. (Is minicighe gur ar an gcabhail gan na rothanna tugtar carra). Is fada anois, suas lé céad bliadhain, ó bhí carraidhe sleamhnáin in iarthar Chiarraidhe: trucailidhe gan rothanna. "Carraidhe sráide", thugann Gaedhilgeóiridhe san Oileán Úr ar na carraidhibh aibhle. Is lag leis marcaidheacht i gcarra capaill anois, gluaisteáin atá uaidh: i gcairt chapaill. Lán carra d'fháilte rómhat: na fichididhe fáilte rómhat.

carrach: *a.* gearbach, clamhach, maol. Caoire carracha an uile cheann díobh: an olann ag tuiteam díobh, a's cneádha ag teacht 'n-a gcroiceann. Clocha carracha atá ar Cheann Sraithe le h-aois a's síonchaitheamh: clocha gearbacha. Croiceann carrach air lé faid na haimsire do chaith sé fén sín cois farraige: croiceann righin garbh. Croiceann carrach troda.

carrachán: *f.1.* talamh clochach, aimhréidh; duine gearbach nó garbhchnis. Carrachán ar thaobh cnuic ar thromchíos budh dheacair slighe mhairistinte do bhaint as. Dhein carrachán de gan aonne aige nighfeadh ná ghlanfadh do: duine lán de ghearbaibh nó de shalachar.

carraidhin: *b.2.* an chuid is reimhre den mbláthaigh. D'óladh sé an bhláthach agus an charraidhin uirthe: cáithnidhe beaga ime.

carraig: *b.2.* cloch an-mhór; neart, cosaint: daingneacht: doichte, neamhfhreatháltacht: dlúimh cruaidh: focal mór, deacair. Tochail annsan go sroichfir an charraig: an dlúimh chruaidh mar a dtosnuigheann an screamh. Fear ar nós na carraige seadh é: fear lán de neart agus d'fhulang. Carraig dhorcha 'n-a dhúra dara ná labharfadh focal den chainnt lé haonne: neamhchainnteach, daingean. Ní thuigfeadh aonne againn focal, bhí sé ag caitheamh carraigeach béarla linn: canamhainidhe doiléire. Carraig i gcéill dob eadh dar leat, ná déanfadh botún ná dearmhad: ciallmhar, tuigseanach, fadadhranach. Ná bí id charraig tabhair cabhair éigin dos na bochtaibh: neamhfhéitheamhanta. Dá ndéintí blodhtacha beaga dhe budh mar a chéile é a's carraig, ní ghéillfeadh sé pioc: daingean, do-athurruighthe 'n-a thuairmidhibh. Níl aon eagla orm agus tusa id charraig agam: id chosaint, id chóngnamh.

carraigeach: *a.* clochach, achrannach. Cósta conntabharthach carraigeach a chaillfeadh na céadta: gearbach, "salach".

carráiste: *f.4.* cóisde, aon tsaghas gléis iomchair ar rothannaibh, go mór mhór chun taisdealaidhthe d'iomchar. Capall carráiste a's ní capall iallaite: capall cóisdte. Bíonn sé, seacht, ocht a's breis charráiste iomchair daoine i dtraen: cóisdidhe móra fada agus iomad suidheachán ionta.

carránach: *a.* ceóchánach, múchta, casachtamhail. Ag caitheamh a shaoghail go carránach, gearánach ar leabaidh: duadh anála air a's múchadh a's ceasnaidhe. Bíonn an capall san carránach i gcoinnibh an aoird: análghlórach.

carrbhas: *f.1.* meisce, ólachán trom leadaránach, comórtas dighe. An oidhche go maidean do chaitheamh lé carrbhas: ag ól go trom. Bímís ag carrbhas go maidean, cá bhfuil ár mairg? ag cómh-ól.

carr(a)-mhadra: *f.* madra lán de chlamhach; madra chlamh; madra go mbíonn galar gearbach ar a chroiceann.

carsán: *f.1.* ciachán scórnaighe, ceóchán, glór múchta. Cuireann cosa fliucha carsán trom orm ná féadfainn labhairt: ceóchán im scórnaigh. Tachtann an carsán san áit thais seo é: an múchadh: duadh anála agus casachtacht.

cárt: *f.1.* an ceathramha cuid de ghalún; an t-árus féin. Cárt bheathuisce. "Is deacair í (an fharraige) thómhas 'n-a cártaibh, mar tá sí láidir buan, an méid ná gaibheann an áth dhi gaibheann sí an Bhágh ó thuaidh". Ag ól na gcárt budh mhinicighe é: is mó chaith sé dá shaoghal óg ól 'ná ag obair. Ar ráiseannaibh Fhinn Trágha taosctí na cáirt: óltí deoch go fairsing a's go fial, flaitheamhail.

cárta: *f.* blúire cearnógach de pháipéar phalcuighthe go mbeadh scríobh nó clódh air fá chóir gnótha, síthbhéaltachta nó imeartha. Ní gábhadh dhóibh aon eagla bochtnuighthe bheith ortha, tá cárta cúil maith aca go bhfuil gustal a's airgead aige: taca, cara le linn ganntair. Coimeád an mádh san mar chárta cúil: cárta cosanta, cárta géibhinn. Mara mbeadh na cártaidhe cúil a bhí air is fada buidhe go mbeadh sé de mhisneach aige baint leat: lucht spreagtha. Ní scarfadh Sasana leis an bhFrainnc mar chárta cúil ar Roinn na hÉoraipe lé linn gleóidh: tír a cónganta agus a tacaidheachta. Budh ghairrid a's bheag é meas Shasana ar an bhFrainnc, is tapaidh do chaithfeadh sí fé thóin cártaidhe í dá n-oireadh di: d'éimfeadh, d'éarfadh, dhiúltóchadh di. Ní bhíonn ar gach aon nidh ach tamall a's caithtear an seanrud fé thóin cártaidhe ar son an ruda nuaidh: dímheastar a's caithtear as áis. "Foiligh fésna cártaidhibh", deirtear lé fear a scúighte chun a gceann do chongbháil fútha a's ná feicfeadh na himireóiridhe iad: iompuigh síos a gcúinnidhe. Ní scarfaidh an diall riamh leis na cártaidhibh: is dóigheamhail an t-adhbhar achrainn a's troda iad. Gheibheann an fear céadna cártaidhe an phaca: na cártaidhe is fearr ionta. "D'imireóchadh sé a léine (an chros den asal) ar chártaidhibh": duine ná stadfadh díobh dá mhéid a buaidhfí uaidh. Dá mbeadh bualadh an chárta úd agam bhein ar mo thoil: cárta dob fheárr. Cártaidhe aindeise atá agam ná déanfadh cluiche ná cúig nách fiú a n-imirt. Ceartuigh an cárta báidhteach san, chídheann go haonne cad é: cárta go mbíonn a bhéal anáirde a's béal na coda eile fútha. Ní chreidfinn ón saoghal ná go ndathuigheann seisean na cártaidhe ar fheabhas ghaibhid chuige: go ndéineann na cártaidhe a bhíos uaidh d'atharughadh dho féin as drochchártaidhibh. Is é "polltar chun cártaidhe" deirtear san lé duine go mbíonn cártaidhe maithe ag gabháil chuige. Cárta an doichill: sé cárta an doichill agat é, is iongtach nár leigis leis an cluiche do dhéanamh: cárta ná h-imearthar ach i gcoinnibh na tola dá mhéid gábhaidh a bhíos leis. "Cad é an saghas cártaidhe atá ag

gabháil chughat?" – "ní ghaibheann a dhath (an mháidh)": toghadh drochchártaidhe. Imir do chárta n-a measc: bí aireach ort féin id chonbharsáid leó.

cartadh: *f.* (*-dhtha*) d'fhollamhughadh mar last luinge; d'iomchar ualach: ag caitheamh trubhthaise amach: an trabhthais do chaithtear amach. Táthar ag cartadh chloch a's trubhthaise as an áit chun láthair tighe do scartadh ann: dhá iomchar n-a n-ualaighibh móra. Ag cartadh ghuail amach as an luing lé croich: ag iomchar ghuail. Áit shalach é sin go mbítear ag cartadh gach aon trubhthaise leis an mbaile mór ann: do chaitheamh go neamhaireach i ngabhal a chéile. Ghom chartadh annso dom aindeóin: ghom tharang go fóiréigineach. Chidhfeá scata daoine bochta ag cuardach 'sag lorg ameasc na claise carttha: an chlais 'n-a gcaithtear an uile rud roiligh. Budh chuma leis an gcailín crúidhte an bainne do chartadh nó gan, bhí sí chómh fuairspreóiseach san: do dhortadh.

cartaim: (**cartuighim**) *b.a.* iomcharaim i gcairt nó in aon ghléas iomchair; díoluchtuighim; follmhuighim; caithim uaim; ruaigim. Chartainn gainnimh, gairbhéal agus móin dóibh lé dhá chapall: d'aistrighinn i dtrucail. Chartadar me nuair bhraitheadar go raibh deireadh caithte agam: ruaigeadar me. Cartfaidh an t-ualach san ort, tá sé róliobarnach: iompóchaidh sé. Chart sé an dúthaigh Éireann trubhthaise sarar bhuaileadar bonn chun aduighthe air: rómhar a's d'aistrigh. Ní chartóchainn an gual san (lé n-a oilceas) dá bhfaighinn in aisce é: ní iomcharóchainn as an áit go bhfuil sé é.

carthain: *b.* (*-than*) carthanacht croidhe, taise, daonnacht, báidheamhlacht lé fulang. Siad na tighearnaidhe talmhan ná raibh an charthain 'n-a gcroidhe ach ag caitheamh na ndaoine amach ar chliathán an bhóthair: gan aon mhothóilt 'n-a gcroidhe ná 'n-a smaointibh dóibh. Bíodh carthain éigin id chroidhe agus tabhair rud éigin don mhairtíneach san: mothóilt dheáirceamhail. Ní bhein in amhras ná go dtabharfadh sé síntiús galánta uaidh do mhuirear an fhir mhairbh, tá an charthain riamh ar a láimh: an croidhe déirceamhail chun maitheasa. Duine gan charthain gurbh é a chaitheamh aimsire bheith ag luighe trom ar bhochtaibh: gan a luighead mothála do cheasnaidhe ná do ghearán daonna. Bíodh carthain ionat a's ná bí chómh dian san éileamh in aimsir dealbh: buige chroidhe. Ní fhéadfadh sé é leigeant follamh uaidh a's níor lé cion air é ach le carthain: mothóilt dhaonnamhail mhaitheasa.

carthannach: (**carthannamhail**) [**carthanach, carthanamhail**] *a.* muinnteardha, cneasda, déirceamhail, fial, flaitheamhail, lán de dheaghthoil a's de mheón maitheasa, laimhthighiseach leis na bochtaibh: bronntach. Dá charthannaighe bheadh duine, seadh agus a chuid ar fad do riar, gheóbhfí locht air: dá mhéid a thabharfadh uaidh. Gníomh carthannach dob eadh míle púnt d'fhágaint 'n-a udhacht do bhochtaibh: sochroidheach, déirceamhail. Bí carthannach a's ná goirtigh me, a fhir mhóir: cneasda deaghchroidheach leis an laige. Ní bheidhfeá i dtreis duine is carthannaighe: is féile, is soranna. Dhéanfadh an duine céadna aon rud ar a chumas duit chun do bhaile, ní carthannach go dtí é: deagh-ghníomhach, deaghchroidheach. Is beag den doicheall ag baint lé n-a croidhe carthannach: fairsing, flaitheamhail. Is ó Shéamas budh charthannaighe é a's ní ó Sheán: is mó thug Séamas uaidh dréir a ghustail 'ná mar thug an fear eile. Ní hé an té is mó thugas ach an té is mó thugas dréir a ghustail an té is carthannaighe: is mó go mbíonn fonn na maitheasa air. Sé an té is mó thugas dréir a chumais, is ní hé an té is mó thugas an

té is carthannaighe: an té gur méine leis an mhaith do dhéanamh ar a chómhdhuine. Is carthannach é an té a thugas a bhall éadaigh duit nó a ghreim bídh: fonnmhar chun soláthar d'easbhaidh cuirp an duine thall. Cainnt neamhcharthannach do leathadh do ghoin é: cainnt bhréagach a hinnseadh lé hinntin a dhíobhála nó a mhasluighthe i measc cómharsan.

carthannacht: [**carthanacht**] *b.3.* muinnteardhas, cneasdacht croidhe a's méine, cineáltacht, déirceamhlacht, flaitheamhlacht, deighinntin chun maitheasa chách: inntin deaghthuairsc do thabhairt as lochtaibh a's ar lagracht chách. Níl duais ag an nduine is lóghmhaire 'ná an charthannacht ná filleann feall ná sprionnlaitheacht: gníomh na maitheasa féin. Deirir ná taithnighim leis, abair leis ná fuil aon charthannacht amugha eadrainn: an aigne olc chéadna agam dho. Tá muinntir na hÉireann áitrighthe ar a gcarthannacht lé daoinibh iasachta: a bhféile: croidhe-oscailteacht. "Ó saoradh Maois san tseanracht/ ón mbaoghal nuair bhí sé i dteannta/ ag Feáró fíorghlic fallsa/ ná raibh carthannacht 'n-a chroidhe" gan truaighmhéil: gan géilleadh dá aiste. Méid a charthannachta ná leigfeadh do focal cruaidh do labhairt ar an té budh dhéine air: deaghthoil, glanchroidheacht. Ní leigfeadh carthannacht duit gan chabhair do thabhairt do dhuine bhocht: cúis déirce chómh mór san seadh é. Déin carthannacht ar a anam dá olcas é: labhair go maith air. "Bhí an charthannacht riamh ionat": deirtear lé duine a dheineas gníomh galánta fearamhail.

carthannas: [**carthanas**] *f.1.* cáirdeamhlacht lé báidh, leagadh. Sé mo thuairm láidir air ná beadh aon charthannas aige lé haonne, ní fheaca riamh ag coidriughadh daoine é: muinnteardhas. Cad chuirfeadh an carthannas eadartha? báidheamhlacht amach ón gcroidhe aca. Ní dhéanfadh sé aon charthannas liom: cáirdeamhlacht: ní bheimís choidhche ar aiste lé chéile go mbeimís buanamhail ar a chéile.

cás: *f.1.* adhbhar; teangbháil; brón, aithreachas, duadh, draip, teannta; aiste; géibheann nó dúnadh déanta de chairche, d'adhmad nó de thuigidhibh chun éanlaithe nó ainmhidhthe do choimeád: clúdach mar bheadh ar sciain, spéaclaidhe nó aon rud soibhriste; rud a thairngtear mar sholaoid. Do sháidh an máirnéalach me lé scian cháis a bhí ar silleadh leis ar chrios: scian go raibh truaill nó scaball uirthe, mar bheadh ar chloidheamh. Dheineadh Deádhaidhe an chéad chás éan do gach garsún ar an mbaile: dúnadh d'adhmad. I gcáiseannaibh a bhíonn leoin ins na tíorthaibh seo: i ngéibheann déanta d'adhmad is d'iarann. Cuir an rásúr n-a chás: clúdach. Dá mbeidhfeá i gcás d'fhéachfá go maith: ar teasbainteas (le searbhas). Cás fir mhaith seadh braon dighe do thuiteam air: aiste nó teangbháil nó caoi. "Marbh le tinneas cinn" – "táim sa chás chéadna": ar an gcéadna: tinneas orm leis. Is ionann cás duit dul abhaile anois lé fanacht annso ní thiocfaidh an té go bhfuil do shúil leis: mar a chéile é. Ní h-ionann cás don té a gheibheas bás ar a leabaidh a's an té a ghéibheas bás oban: tá deifir mhór eatartha. "Dhéanfainn trí mhíle focal do scríobh in aon ló" – "níor chás duit": ní fhéadfá choidhche: b'fhada uaidh thu [nuair cuirtear béim na cainnte ar "chás" cialluigheann an rádh searbhas]. Níor chás duit do chos do chur san uisce te sin: níor dhuadh leat é: ní thárlóchadh go loiscfí thu dá ndéinteá é (an bhéim chomhthrom-roinnte) ach níor chás duit (béim ar "cás") do chos etc.: ní bheadh sé de mhisneach agat: budh bhaoghal duit. Deirtear, "nár chás duit" agus cialluigheann do shíor ní fhéadfadh. "Ragham abhaile anois" – "nár chás dúinn, tá an

fharraige rófhiadhain": ní bheadh aon dul againn air. Budh mhór an cás 'n-a rabhas tarbh buile ar thaobh díom agus faill dhiamhair mhara ar an dtaobh eile: i dteannta scannramhail. "Nár bheiridh Dia in aon chás chruaidh choidhche ort": in aon teannta. Nuair chualadar go raibh a dtigh dóighte ortha tháinig cás ortha: brón. Níor chás leis go mbein ar thóin na farraige móire, sin é saghas aigne atá aige: níor bh'aithreachas leis: ní chuirfeadh sé aon chathughadh air im thaobh. An cás leat do chlos go bhfuilir le briseadh as do bheart? an gcuireann aon bhuadhairt ort? Níor chás le haonne síntiús púint do thabhairt dóibh, ach maidir le chúig phúint budh chás leo: budh chuma, etc., níor chuma leó. "Níor chás bheith ag armáil", ars an ceann, "tá ár namhaid ag déanamh amhlaidh": níor mhisde. Níor chás dom droichbheart do dhéanamh ar eagla m'anama: b'fhada uaim é. Cuireann sé cás mór orm a chlos gur éirigh mísheól dod dhreatháir: cathughadh mór: ní taithneamh. Dá mbeadh Sasana síos níor chás linn sin: níor bhrón linn. "Aon lá go deó", go mbéarfaidh cás cruaidh ort bí ag brath orm: cruadhtan, deacracht. Droch-bharraidhe do tháinig na bliadhanta san, agus bhí san 'n-a chás ar an ndúthaigh: chuir san buadhairt agus cruadhtan ortha. "An té nách truagh leis do chás ná déin do ghearán leis": do bhuadhairt, do leathtrom, do cheasnaidhe. "Níor chás go dtí so é": níor bh'fhiú trácht ar ar thárlaidh go dtí so seachas an méid seo anois nó a bhfuil lé teacht. Mo chás! agus is beag tur agam ar do ghothaidhibh: mo mhairg (searbhas). Dá mb'é do chás féin buadhachtaint ort bheadh malairt puirt agat, ní ag cleithmhagaidh bheidhfeá: dá mb'é do scéal féin é. "Ceannóchad gluaisteán, annsan ceannóchad gluaisbhád agus annsan ceannóchad capall ráis!" – "mo chás": níl id chuid cainnte acht gliogaireacht mar ná fuil aon fhuaimeant léithe. Tháinig sé chugham agus d'inns a chás dom: a eachtra (mar bhí aige) ar rud a bhí ag cur tinnis air. Níor chás d'aonne pósadh óg: is annsan dob fhearr dho é. "Connus atá aige?" – "ó, ar fheabhas, níl cíos, cás ná cathughadh": saor gan duadh saoghalta ná buadhairt ar bith. "Fan", ars an dligheadóir, "go gcuiream-na ár dtaobh féin den gcás ós do chomhair: an teangbháil, an aiste, an bheart. Cuir i gcás go mbeadh fiche míle púnt agat cad dhéanfá leis? dá mbudh rud é go mbeadh. Chuireadar uisce chúcha ag dul chun farraige dhóibh i gcás dá dtagadh tart ortha: dá dtuiteadh amach, dá dtárlóchadh tart ortha. I gcás go mbeadh taca éigin i ndeireadh a shaoghail aige chrom sé ar airgead do shábháil a's do chur 'on bhanc do féin go luath 'n-a bheatha: ionnas go mbeadh. I gcás go bhfeicí me screadas go hárd: i gcuma go. I gcás ná raghaidís amugha sa doircheacht rugadar solas leó: i slighe agus ná raghaidís. Ní bhein id chás ar rud mhaith: ní bhein it ionad toisc a chonntabharthaighee nó a neamhthaitheamhacht. "Éist anois, ná bí chómh dian san, déin do chás féin de ná féadfá an duine do shaoradh gan tú do chur féin i gconntabhairt do mharbhtha": samhluigh go rabhais san ionad chéadna ar an aiste chéadna cad dhéanfá? San aimsir ghreithileánaigh seo bíonn rith madra an dá cháis orm: glaodhach thall agus glaodhach abhfus: d'iarraidh fritheáilt ar dhá ghnóth (agus breis go minic) ar aon am amháin. B'fhuraiste rud do chur i gceann Liam, bhí sé anchliste; i gcás Sheáin de, bhí an duine bocht chómh dúr le hasal: maidir lé Seán: ag trácht ar Sheán. An cás budh chruaidhe rug riamh orm dhá lá dhéag im throscadh: an cruadhtan. "Mo chreach a's mo chás mar chádhann sé sneachtadh agus sioc agus mise a's mo ghrádh i lár na farraige amuigh": mo scrios a's mo bhuaidhreamh gan faoiseamh: mo threighid, mo dheacair. Thug sé a anam ar chás na hÉireann: ar aiste iarrata saoirse na hÉireann. Is móide mo chás fé bhás m'athar 'ná aonne eile: aiste bhróin. Duine gortach gur chás croidhe leis oiread a's feóirling do thabhairt d'aonne: briseadh croidhe. I gcás dísle d'Éirinn budh dheacair an chraobh do bhaint de Chathal Bhrugha: maidir lé. Bheadh sé

’n-a chás chruaidh orm nó thiocfainn chun d’fhóirtheana: cúrsa ró-dhian orm dob eadh é mara bhféadainn teacht.

cas-: *i gcomhfhocalaibh* cam, corach, lúbach, crosta, cor, aimhréidh. Cas-bhán, cas-dhubh etc., cas-bhóithreach, casloirgneach etc. casdroighean, casadhmad, casfharraige, casthuile, casfhiacail, casimirt, casimirt (imirt athuair), cas-éadanach.

cas: *f.3.* iompódh, filleadh (mar bheadh in éadach) cor, cochán, rud ar bís, aon rud go mbeadh liathradh ann. Téad trí gcos: téad go mbíonn trí chuir nó trí fhilltidheacha ’n-a déanamh. Ní maith é bóthar go mbíonn an iomad cas ann chun siubhail mhóir: cor, iompódh. Bheadh muinghin agam as a mhacántacht, níor airigheas cas riamh ann: cor, aon rud cam nó mícheart.

cas: *a.* cam, fiar, cochánach, fáinneach, fillte, fighte tímcheall, corach, lúbach, ait, ciotarúnta. Abha chas gur deacair a seóladh: lúbach, cuir sall agus anall innte. Seachain tú féin tímcheall Chinn Sléibhe bóthar an-chas atá ann: fiar, gan bheith díreach. D’fhás gruaig chas síos go sáil uirthe ná déanfadh raca ná cíor a réidhteach: lán de chochánaibh a’s d’fháinnidhibh. Duine go bhfuil aigne chas aige ní feas duit cad dhéanfadh sé: aigne neamh-ghnáthach ag furmhór na ndaoine. Thugas searc dod chúl chas: folt breágh go raibh cuir ann: fáinneach. Cailín na gcochán róchas ná déanfadh cíor a slíobadh. Chuir sé úirlis chas isteach im fhiacail: úirlis go raibh cuir innte mar bís. Cuireadh ceist chas orm ná féadfainn a réidhteach dá fheabhas iarracht a dheineas: ceist chrosta, dhoiléir. Faill chas lé dul anáirde innte, bí aireach ort féin ar eagla go sleamhnófá: géar, cruinn, seasuightheach. Chuaidh díom margadh do dhéanamh leis, duine róchas dom seadh é: aimhréidh, doiréidh n-a bhaint leat. Farraige chas ná snámhfadh aonne mar a mbuaileann na taoididhe ar a chéile: ag dul i gcoinnibh a chéile as gach treó. Cuirir in achrann anois an doradha, tá sé chómh cas lé snáithín stoca: an oiread filleadh nó cor ann. Cloch chas doibhriste gan beann aice ár órd ná chasúr: daingean toisc na dtreó atá ar na gráinidheachaibh innte. Duine cas ná feadraís agat nó uait é: duine go mbíonn éasc éigin thaomanach ann nách ionmhuinghne.

casach: *a.* achrannach, tugtha d’argóint, aighneasach, geárrchainnteach, caismirteach, imreasach. Is minic i gcúirt iad, ní fuláir nó is daoine casacha iad: fonnmhar chun aighnis a’s argóna a’s pléidhe. Annsan duit, ní chuala riamh tu ach an focal casach agat: an focal treasnála.

casach: *b.2.* fánaidhe, leaca (thalmhan). Chídhfeá casacha breághtha glasa ar thaobh na gnoc i gCiarraighe: fánta, leicne, taoibheanna fiara. D’imthigh an charraig lé casaigh síos isteach ’on loch: lé fánaidh. Chaith sé a chuid airgid mar d’imtheóchaidh sé le casaigh: gan aon chosc ná aire. D’imthigheas le chasaigh ’on uisce: ar bhior mo chinn: i leith mo chinn. Leig le casaigh an garsún nó scannróchaidh sé: scaoil anuas é: íochtaruigh é.

casachtach: *b.2.* iarracht creathánach ós na scartachaibh chun cúirim réime nó salachair do chur díobh. Tagann trithidhe casachtaighe orm a ghoirtigheas m’ucht: taomacha giorr-anáile chun na bhfeadán do ghlanadh. Bíonn reacht casachtaighe air siar amach san oidhche ná leigeann codladh ná suan air: cath giorranáile. Breóidhteacht

mionchasachtaighe ná fuil beann ar luibh ná ar liagh aice: puthadghal ghearra, thapaidh. Tuargann gach aon tritheamh chasachtaighe me go mbíonn m'ucht agus mo chliabh tinn: fáscadh duaidh giorr-anáile. Casachtach chruaidh, thirim, gur drochthuar sláinte í. Marbh ag casachtaigh cuireann toitínidhe griofadach im scórnaigh agus fonn casachtaighe: fonn cúram an ghreadta do chur díom lém anáil do shéideadh go prap oban. Rinne sé casachtach orm agus d'aithnigheas go raibh rud éigin i dtreis agus gur chómhartha dhom é: dhein sé glór oban, láidir lé ruagadh anala as na scartachaibh. Ní chneasóchadh Éire an chliath chasachtaighe a tháinig orm san Earrach: casachtach a fhanas ceangailte, luighte ar an gcliabh. Cad é an chastacht so (atá) ort? ag déanamh fuaime cruaidhe tapamhla leis an anáil chun cómhartha do dhéanamh do dhuine eile, a bheith ar aire nó rud éigin áirighthe sothuigse do dhéanamh. Néal súl ní thuiteann air ag casachtaigh.

casadh: *f.* (*-sta*) iompódh, lúbadh, filleadh, fiaradh: amhrán nó gáirghuil d'árdughadh; rud do chur i leith dhuine; tosnughadh dara coda d'amhrán: ag tabhairt iarrachta ar rud do dhéanamh, ag coimheascar lé, ag beartughadh, ag bagairt le, dul i dtreis; cor; iompódh goile. Sé casadh an chitil leis an gcorcán agat é ghom lochtughadh mar gheall ar na máchailidhibh céadna atá ort féin: cúisiughadh mícheart nó míochuibhe. Ná bíodh faic lé casadh ag aonne leat: ná déin aon rud is féidir do chur 'n-a chúis ort, nó go mbéarfadh a rádh 'tá san lé casadh agat liom': an mháchail, an droichbheart, an cion atá orm do chur in iúil dom chun mo mhasluighthe nó m'fhógartha os chómhair na ndaoine. Gur theich sé as Éirinn in aimsir na ndubhchrónach tá san lé casadh leis: an mheathtacht a meádhtar do chur in iúil do. Stadtar de chasadh lé chéile: bheith ag cúiteamh cúise lé cúis eile. "Is fada an bóthar ná bíonn casadh ann": cor nó lúb, nó fiar. Thugais casadh don gcainnt adubhart, ní dubhart go raibh sé lé fagháil agat uaim-se ach go raibh sé le fagháil agat: chuiris do chóiriughadh féin uirthe léd thoil nó lé neamhghuis. Bain casadh as an roth: iompódh. Bíonn an roth ag casadh i gcómhnaidhe, má táimíd bocht anois b'fhéidir go mbeimís saidhbhir fós: roth an áidh ag gluaiseacht gan sos: an té bhíonn síos indiugh bheadh sé suas ambáireach. Ar chasadh siar dom: ar iompódh: nuair thugas m'aghaidh sa treó san. Ag casadh abhaile dho ón nDaingean: ag filleadh: ag teacht ar ais ó. Ar chasadh abhaile dom bhí mo thigh dóighte rómham: ar filleadh dhom: nuair shroicheas thar n-ais. Dá mbeadh casadh a dhóthain sa tsnáithín thabharfadh sé breis seasaimh uaidh mar bheadh sé níos fuinte: filleadh dlúth ar a chéile. Raghaidh an lá i neart ar chasadh na taoide: nuair thosnóchadh atharrach taoide. Cuireann mútamhlacht na feóla casadh im aigne, cuirfidh sí ag úirleacan me: doicheall gabhála léi im ghoile. Ag casadh ag an gcuaille do leagadh an marcach: ag filleadh ar aithrian an chúrsa ráis. Níor baineadh an casadh riamh as an ndoradha san: na ruaircínidhe a bhíos ann ar mbeith nuadh dho. Banabhairseach shlachtmhar a chuireadh an casadh ceart 'n-a snáthach: an filleadh oireamhnach do bheith ar a chéile go maith. "Connus tá t'athair indiugh?" – "tá casadh aige": iompódh breóidhteachta: feabhas. Áit róchumhang ní fhéadfadh sé an gluaisteán do chasadh ann: d'iompódh tímcheall. D'imthigh sé; sa chasadh chéadna nár thagaidh sé choidhche airís: nár fhilleadh sé an bealach céadna. Beir abhaile an rothar san sa chasadh chéadna, deirim-se leat, gan aon díobháil do dhéanamh do. Seo leis 'on Daingean a's d'fhill sa chasadh chéadna: gan aon mhoill do dhéanamh. Ag dul go Mearaice dho ní raibh faic aige, a's tháinig sa chasadh chéadna: ar an aiste chéadna. D'aithnigheas ar an gcasadh chuir sé ar a ghuth go raibh guth mhaith aige: ar an iompódh nó an t-atharrach ceóil 'n-a ghuth. B'fhearr leis 'ná cuid mhaith go mbeadh an casadh ceart ar an nGaedhilg aige: an tuine

cheart ar a chuid cainnte: cómhacht ceart labhartha do bhaint as an nguth. Bain casadh as na buaibh: iompuigh ar malairt treó iad. Bean a bheadh ar a casadh, ní phósfá í, dar ndóigh, fear óg mar thusa: bean go mbeadh tonn dá haois tagtha. Bhaineas aon chasadh amháin as an bpíp, b'shin é mo dhóthain: triadhail ghearr. Ara mhuise, ní bhíonn sé ag casadh le hobair: d'iarraidh oibre do dhéanamh: tagann sí duaibhseamhail air le haois nó lé laige nó le ceal eolais nó le droichfhearas. Chuir sí casadh 'n-a béal le searbhas: cuma dímheasa. Ní fhéadfá casadh sa tigh ag daoinibh: corraighe. Is fada me ag casadh leat mar mhnaoi: ag bruic leat: ag foidhneamh leat: ag tuiteam leat. Droichpheann seadh é seo ach bead ag casadh leis: d'iarraidh bheith ag obair liom. Bímíd ag casadh lé chéile: ag foidhneamh lé chéile a's ag obair i gcabhair a chéile. Shocruigheamair casadh le chéile ag cúinne na sráide ar a sé a chlog: bualadh lé chéile. Chas sé a chloidheamh i mórchuid cath: bhuail sé leis: bheartuigh sé é. Chonnac ag casadh an mhaide é, ach ní fheadar go deimhin ar bhuail sé leis! ghá bheartughadh ós árd mar bheadh ar tí buailte. Cuir casadh id ghlór, a's dar leis, gur duine deóranta bheidh ann: atharuigh fuaim do ghutha. Seachain tú féin ar an gcladhaire, mar is iomdha casadh 'n-a aigne: cor, lúb, camastghal. I rith a shaoghail is iomdha casadh thug sé chun a bheatha do dhéanamh: ball a's cor 'n-ar ghaibh sé tríd. Ní raibh aon chasadh chuir an t-imireóir de no gur sáruigheadh é: aon chleas a chuir sé roimis.

casadhmad: *f.1.* na fonnsaidhe móra, láidre, téagartha a bhíos i gcruit na luinge: bíonn gráine fiar san adhmad chéadna. Casadhmadaidhe go mbíodh bolltaidhe móra copair ionta bhíodh sa longaibh fadó agus an plannc lasmuigh dhe.

casadóir: *f.3.* úirlis chun ruda do chasadh nó cor do chur ann mar bheadh le fáinne i sróin muice nó tairbh.

casaidhe: *f.1.* sníomhadóir. Casaidhthe! nílid ann anois, ná is fada go rabhadar. "Lá Féile Brighde 'n-a shaoire ar chasaidhibh" – seanfhocal: ní oibreóchadh sníomhadóiridhe an lá san le h-onóir don naomh.

casaim: *b.a.* ₇ *n-a.* iompuighim (roth, bró, meadar, eochair, etc.), fillim, lúbaim; árduighim mo ghuth; gabhaim (amhrán), cúlaim, tugaim rud thar n-ais do dhuine: buailim lé, téidhim in achrann. Do chas an dath ann go gairrid tréis éagtha dho: d'atharuigh a dhath. Nuair chasann an croiceann lé haois: tagann filltidheacha, ruic ann. Chas an ghaoth ó thuaidh: chuaidh sí ó thuaidh: bhí sí ag séideadh as áird éigin eile agus annsan chrom sí ar séideadh adtuaidh. Dá gcasadh Dia mo shláinte orm thabharfainn aire dhi: dá bhfilleadh sí orm lé cóngamh Dé. Cár chas mo dhuine ort? cár bhuail sé leat? Cas an chráin dhubh í féin san líon: chuir sí í féin in a achrann. Dá gcasadh aon ghaoth orm beagán airgid cheannóchain culaith nuadh éadaigh: dá gcuireadh aon rud im threó é. Cad chas sa dúthaigh seo ar dtúis Sasana? cad nó cé budh bhun le hiad do theacht? A chroidhe mór agus a charthannacht, níor chas san an rath air: níor iompuigh, threoruigh san an rath air: dá mbárr ní tháinig aon ádh air. "Cas orm", ars an drochghnóth: fill ar ais a's críochnuigh. Casadh bliadhain an-bhreágh orainn fadó: tháinig chughainn. Castar liomsa é (mara ndéanfad é: mara an gnóth maith atá déanta agam): mise an fear chun a dhéanta go mear a's go maith: ná hiarrtar im dhiaidh é. Cas liom-sa é go ndíolfair-se lá is sia anonn 'ná an lá indiugh as do dheáibreachaibh: abair gur dhuine bréagach me mar an fíor

é. Do chas Séamas go mór lé deireannaighe: tháinig cuma na haoise air. Ní féidir dul amach ar na hoileánaibh seo nuair bhíonn an bhliadhain casta acht go hannamh: druidte lé deireannaighe. Pé rud do chas sa treó me do ránguidheas ann ach go háirighthe: budh bhun lé me theacht ann. Pé rud do chasfainn lé duine ní chasfainn goid leis: ní chúiseóchainn leis é. Cas chugham an leabhar san ar thu bheith réidh leis: beir ar ais é: cuir ar ais é. Léan ort! a sheanchrúnca, mar an óigíneach budh mhian leat sinn do shaoileachtaint tú do bheith, a's croiceann casta rocach ort: fillte, garbh, neamhmín. Déarfainn go bhfuilid anmhuinnteardha lé chéile. Táid anchasta ar a chéile: bíd go mór i bhfochair a chéile a's measctha in aonghnóthaidhibh. An t-achmhusán budh mhó casadh riamh liom a rádh go raibh gaol agam leat. Castaí gach aon nidh leis, budh mhar a chéile é, ní chuirfeadh faic náire air: bítí d'iarraidh easmuilte do thabhairt do. Cas orm-sa go 'nneósad duit: éist liom-sa. Cas do lámh, tá an iomad san árus: staon.

cásamh: *f.1.* d'fhagháil luchta a's do dhéanamh gearáin; do chaoineadh. Ag cásamh a bhochtanachta liom go dtabharfainn rud do: ghá rádh a bhoichte agus bhí sé. Ní raibh aonne bhí ar an bhfleadh ná raibh ghod chásamh gan bheith láithreach: ag cur a gcathuighthe in iúil. Dá mbeadh gach aonnidh iarrfadh an duine aige bheadh cásamh éigin choidhche air, tá sé chómh doshásta san: gearán, canntal, clamhsán, cnúdáil. Níorbh é an fear céadna é ó éag a bhean, bhí sé ancheanamhail uirthe, ní stadadh sé ghá cásamh: ag déanamh bróin a's tuirse dhá heasbaidh. Bíonn cásamh ar mo chuid oibre i gcómhnaidhe pé ciall é: ní bítear sásta léi. Dá mbeadh aon chásamh ort chugham-sa thiocfá dá mhéid cásaimh atá ort fúm: thiocfá ag triall ormsa go tapaidh gan aon dochma dá mbeadh faic bun os cionn leat d'aindeóin an ghearáin a's na míoshástachta bhíonn agat liom. Tháinig cásamh orm gur eitigheas é ar rud shuarach agus bhí sé ródhéidheanach mo ghníomh do leasughadh: aithreachas, brón nár thugas do an rud d'iarr sé.

casaoid: *b.2.* gearán; do dhéanamh ghearáin (ar). Cúis chasaoide dhom gan an mhéirdhéirc do bheith dá fhagháil agam a's í ag daoinibh is gustalaighe 'ná me: an mhotháilt ghoirtighthe de chionn leathtruim do dhéanamh orm. Ar an bhfear thall bhír ag casaoid do shíor i dtaobh t'aindeise: aon duine eile ach tú féin is bun lé thú bheith mar táir. Níor stad Cómhachta an Domhain ó linn an Chogaidh Mhóir ach ag casaoid ar an armáil atá dhá dhénamh fé thóin ag an dtír seo nó siúd: ag caitheamh milleáin ar a chéile. Fém chasaoid ná bíodh buadhairt ort, ní me an t-aon duine is measa dhuit: an gearán nó an t-iomard atá orm. Ní bheadh aon chasaoid fén spéir ná go mbeadh ar an gcnáimhseálaidhe sin: gearán, galar nó aicíd. Ní síothcháin atá ag teacht ort – casaoid éigin in aghaidh an lae: achrann, dothuigsint, míoshástacht bhuadhartha.

casaoideach: *a.* gearánach, cnáimhseánach. Rinne sé cainnt chasaoideach ar an Riaghaltas ghá chur in iúil gurb é a cheanntar is lugha fuair cabhair chun oibreach poiblidhe do bhunughadh: cainnt a bhí ag cur locht ar an Riaghaltas mar gheall ar a mainís nó a gceal dualgais dos na daoinibh. Tugadh an tráthnóna ar fad go casaoideach sa Dáil gan puinn cúirim do dhéanamh ach ag achmhusán ar a chéile: ag tabhairt fé chéile: ag caismirt. Bheith chasaoideach agus é lán-tsoiléir do leórdhóthain agat níl ann ach sprionnlaitheacht: ghá rádh go bhfuil leathtrom ort toisc gan do cheart do bheith agat.

Bíonn a bhean casaoideach air i dtaobh bheith 'n-a chearbhach: ag fagháil milleáin air: ghá chur in iúil do go ngoilleann sé uirthe.

caschainnt: *b.2.* treasnaghal, treasnáil, do chur ceisteann in aghaidh ceisteann, scéal tharais. In ionad an fhíné d'fhreagairt an dligheadóra, chrom sé ar chaschainnt leis – "ar thaithnigh sé leat?" – "an dtaithneochadh sé leat féin?" etc. Ní bhfaghfá thall ná abhfus iad, caschainnt ar fad aca, gach aonne aca ag mearughadh an duine eile: scéal tharais: ceistiúchán a's treasnaghal gan leanamhaint ar an rud a bhí i dtreis aca. Níor mhaith liom aonnidh d'fhiafraighe den té sin, ní bhfaghainn uaidh ach caschainnt: nuair fhiafróchainn rud de is amhlaidh d'fhiafróchadh sé rud éigin dhíom. Leig dom mo scéal do chríochnughadh ar dtúis gan caschainnt ar bith, nó cuirfir amugha me: gan bheith ag teacht treasna orm gan ghádhtar leis.

caschainnteach: *a.* tugtha de chaschainnt. Gheóbhfá caschainnteach é dá ndéarfá aon nidh bun os cionn leis: thabharfadh sé cainnt ghiorraisc dhuit.

casdlaoi: *f.4.* (-the *iolraidh*) cuach, táth ghruaige. A folt léi síos n-a chasdlaoithibh ciardhubha: 'n-a tháthaibh chasta, fillte, fáinneacha.

casdlaoitheach: *a.* A ceann casdlaoitheach, fáinnidhe ar gach aon órdlach de: gur tógadh ceann de: cuacha crathacha ar gach pioc de.

cáslag: *a.* an-lag, cnaoidhte. Luighte ar a leabaidh go cáslag: caithte traochta ge ceasnaidhe éigin. Is iad na daoine bhí go cáslag i ndiaidh na gorta: claoidhte agus cúis aca leis.

caslúbach: *a.* fáinneach, fiarchasta, i gcuachaibh muirearacha. Fuairtheas a chorp san bhfeamnaigh chaslúbaigh ar thóin a's budh dheacair é shaoradh aiste. Ní raghadh a folt caslúbach lé n-a mhuirearaighe fé n-a hata: folt trom, crathach, cumarsach. Préacha fada caslúbacha ag imtheacht fén dtalamh ná stracfadh an dúthaigh: ag imtheacht i ngach treo lán de choraibh.

cásmhar: *a.* gearánach, cannránach, casaoideach, caointeach; brónach, truaighmhéileach i dteannta. Ó theip an iascaireacht tá an ceanntar cásmhar, is air is mó bhíodar ag brath: gearán go holcas. Duine níos cásmhaire 'ná é budh dheacair d'fhagháil nuair theip air dul 'on Dáil: budh ghearánaighe, go canntalach, ghá chur in iúil gur ghoill sé air. Is minic cásmhar na hOileánaigh nuair bhíd síortheanntuighthe: bíd i dteannta agus ag gearán dá chionn. Siad an dorn bocht leanbh do fágadh go cásmhar nuair fuair a n-athair bás: go brónach, easbaidhtheach. "Náire a's aithis chughaibh/ a aicme bhradaigh is measa clú/ sé slighe lean bhur gcaraid rómhaibh/ a's is cásmhar díbh é/ gur b'é do léigheann an t-oideas múinte/ atá os chionn na gcúig bparóiste/ go ndíbeartar na cionntaigh/ chun siubhail as ríoghacht Dé" – amhrán: is brónach: teangbhóchaidh díbh i láthair Dé.

casóg: *b.2.* ball éadaigh i bhfilleadh an chuirp ó thímcheall ubhall na gcromán suas, agus muilchirtidhe uirthe. "Níl iomchar na casóige ann tréis an chatha breóidhtighe sin": lagachar. Níl an chasóg féin anois air ach go haindeis: lom fé éadach. "Anuas leis an

gcasóig": deirtear so le linn tosnuighthe oibre nó imeartha etc. go mbeadh fonn gnímh nó teasbántais uatha. "Seán na casóige" leasainm ar fhear toisc a mhinicighe a bhíodh sí air gan ghádhtar. "Na Casóga", mar leasainm a líon tighe. Ní chuirfeadh "na casóga dearga", ná aon chasóga eile eagla air: saighdiúiridhe Shasana. Bhíodh piseóga ag baint leis chómh mór san go gcuireadh sé an taobh tuathail dá chasóig amach mar chosaint in aghaidh púcaidhe: an taobh budh cheart bheith isteach di dréir a déanta.

casta: *a.* lúbtha, fillte, crosta, achrannach, fáinneach, do-thuigse; do-réidhtighthe. Chuir sé cor casta i muineál an choiligh a's thacht é: cor tímcheall an fhaid a's thiocfadh. Níl na daoine casta fós aige lé n-a chuid bladaireachta: iompuighthe ar a shlighe thuigseana féin. Béarla casta dhom do bhí aige agus ní fhéadfainn aon adhmad do dhéanamh air: béarla mearuightheach, do-réidhtighthe. Ná labhair casta leis a's tuigfidh sé thu: doiléir, neamhréidh. Táir casta ar a mhéir aige agus dhéanfá aonnidh dho: tá tionnchur nó cómhacht tola aige ort. Ceist chasta go bhfuaireas mo shaoghal im dhorn í do réidhteach: deacair, doiléir. Bóithre casta ameasc na gcnoc: bóithre cama. Gruaig chasta ná cíorfadh do dhícheall í: folt dualach. Dá mbeadh an taoide casta raghadh lagughadh ar an muir: iompuighthe, malairt gluaiseachta aice.

castaidheacht: *b.3.* útamáil (mar iomrascáil, bruighean); brughtam; lúbacht. Sa chastaidheacht dóibh tímcheall na caide thuit an seisear i ngabhal a chéile agus briseadh cos duine aca san iomarscáil: sa tsáthadh 'sa stracadh. Chaith an bheirt iomrascálaidhthe breis agus uair an chluig ag castaidheacht sar ar baineadh leagadh as aonne aca: ag tarang 'sag suathadh a chéile. Riamh ná choidhche níor stad sé dá chastaidheacht gur cheangail sé a lámh san inneall: ionfairt, bheith ag méaráil air gan ghnóth gan chúram. Bhaineas casaidheacht mhaith as an saoghal: shearas tuargaint an tsaoghail go maith (castaidheacht). Cuir uait an chastaidheacht a's seasaimh dos na fearaibh má tá a fonn ort: an dúmas, an leigeant ort, an seachnadh gnímh.

castóir: *f.3.* úirlis chun fáinnidhe do chur i srónaibh muc; aon rud go mbainfí áis chun iompuighthe nó chun casta tímcheall as, barrlúb. Castóir na bhfáinnidhe muc.

casúr: *f.1.* úirlis buailte go mbíonn ceann iarainn air agus cos adhmaid de ghnáth ann. Casúr ladhrach: casúr go mbíonn scoilt agus cor 'n-a cheann chun tairngidhe do tharang. Ní chuirfeá léigheamh ná foghluim 'n-a cheann, fiú amháin lé casúr: dúr, doiléighin.

casúrla: *b.4.* folt go mbeadh cuacha ann. Tá mná na casúrla (gcasúrlaidhe) imthighthe as an saoghal: bearrtar in aice an chinn anois an folt 'n-a nós nuadh.

casúrlach: *a.* fé casúrla nó folt trom go gcuacha. Deirtí go raibh folt casúrlach síodamhail uirthe: mín mórchuachach.

cat: *f.1.* ainmhidhe aithnidheamhail tighe, áiseamhail chun beartha ar luchaibh a's ar fhranncachaibh. "Dhéanfainn obair beirte in aon lá amháin" – "dhéanfá: dhéanfá-sa cat a's dhá earball": (searbhas): móriongtaisidhe. Thógfainn an cat marbh rómhat: b'fhearr liom an cat marbh ná thu: tá an ghráin agam ort. Cad é an cat marbh do sheól tusa chughainn, ná raibh ár ndóthain mío-áidh cheana orainn: míorath éigin. "Is cuma liom-sa

cad imtheóchaidh ort" – "ó, dhe mhuise cuma an chait ort!" nách tú atá go deiliúsach, brosanta, neamhmaitheasach. Ní fiú an coirce do bhaint anois, tá cuid chait déanta ges na hainmhidhthibh de: laitighthe. Dhein an mhuc cuid chait den hata: strac sí a's lait é. Nuair bhíonn rud laitighthe ag duine ó bheith ag gabháil de d'iarraidh a dhéanta, deirtear "tá sé ó lait (an) chait agat". Ní gearradh thug sé ar an arán ach cuid chait do dhéanamh de agus é d'imtheacht 'n-a bhrúscar: gan cuma ná clódh air. Ní ghreamóchadh cat sa bhfaill úd: faill ghéar. Troscadh an chait cheannain – ní íosfadh sé feóil a's d'ólfadh sé bainne: troscadh gan cur chun deireadh. "Nách í an cat í", deirtear lé mnaoi (cailín) a lasfadh chughat gan puinn cúise.

catach: *a.* ar chluasaibh gearra mar cluasa cait. Mianach fé leith caorach dob eadh iad, cluasa catacha ortha: cluasa beaga, cruinne, i bhfad ó réir toirte na gcaorach. Bíonn cluasa fada ar uan na caorach cataighe: tagann clann mhórchúiseach ó mhuinntir chúlbhánta, réadhchúiseach.

catachán: *f.1.* duine go mbeadh ceann cas, cuachach air: ainmhidhe go gcluasa beaga cruinne. Catacháin dhaoine seadh na daoine gorma: gruaig ghearr chas ortha. Catachán beag duine gur ar éigean do chídhfeá a chluasa. "A chatacháin", ainm táire ar dhuine.

catachas: *f.1.* aoibheall ar chat; teasbach cumaisce: caise cumaisce. Aon néal níor leig na cait airéir orm, iad amuigh sa gharradha fé chatachas: ag glórghail 'sag screadaigh le guilm cumaisce. Tagann catachas uirthe le díomhaointeas a's deaghbheatha: dúil cumaisce, clannuighthe; cómhluighthe.

catamhail: *a.* ar nós an chait. Cailín catamhail bheadh tagartha gan puinn cúise: nimhneach, deimheasamhail.

cath-: *i gcómhfhocalaibh* cogamhail. Caithréim: buaidh troda: teasbáinteas maoidhteach. Ar bhreith an lae dhúinn ar an bparóiste theas ghluaiseamair fé chaithréim an tsráid aníos: clódh orainn go raibh an bhuaidh againn agus áthas a's lúthgháir orainn dá bharr. Daoine gustalacha, strosamhail go mbíodh caithréim ortha as a n-acfuinn: mórtach, bóibéiseach, lán díobh féin. B'fhada fé chaithréim na tighearnaidhe talmhan: árdchéimeach, a slighe féin aca d'aimhdeóin chách. Ní bhíonn ar aon nidh ach tamall, beam-ne i gcaithréim fós: má táimíd síos indiugh beam in uachtar fós. D'fhill sluaighte Bhriain fé dhéin Chinn Choraidh fé chaithréim tréis Chath Chluain Tairbh: go bródmhar, mórdhálach. Caithréimeach: cathbhuadhach. Sheól an bád go caithréimeach tríd an bhfarraige fhiadhain: go buadhacach, gan aon tor aice uirthe, go sábhálta. Chomhnuigheadar sa bhall so go caithréimeach leis na bliadhantaibh buana, go flaitheamhail, deaghghníomhach: gach aon rud chun a dtola aca a's gan uachtaránacht ag cómhacht ar bith ortha. Bhuadhamair go caithréimeach ar gach fuirinn do threasuigh orainn: gan puinn duaidh, agus meas is mórdháil dá réir.

cath: *f.3.* teangbháil namhad, troid, bruighean, coimheascar namhad, cogadh; cathughadh; buadhairt, easaontas, conspóid, díorma fear go líon cúig céad. "Beidh sé 'n-a chath Chnoc an Áir eatartha mara gcoisctear iad": 'n-a chath fuilteach. "Cath Bhátarlú agus Cath Fhinn Trágha an dá chath is mó tugadh riamh" – seanrádh. Níor bh'fhéidir

liom fios d'fhagháil cé thosnuigh é, ach bhí sé 'n-a cath meádha eatartha: cath gan tóin gan ceann: cath meisceamhail. Beidh sé 'n-a chath eatartha aon lá: tá cuma agus fonn na troda ortha. Mara mbeadh an neart go léir a bhí ann ní chuirfeadh sé an cath breóidhteachta úd de: taom an-throm. Ar mh'anam gur bh'fhear é a chuir cuid mhaith chath dhe: mórthaomacha breoidhteachta. Seadh, tá sé 'n-a chré anois agus is mó cath gabhtha tríd aige (do chur sé dhe): obair chruaidh agus duadh saoghalta. "An cuimhin leat an bhliadhain úd an t-áthrach mór ar an gCaol Bhraighdigh?" – "an cuimhin leat-sa í? is cuimhin, mhuis, agus mórchath roimpe": mórán mór rud eile i bhfad roim an am san. Is diail an cath (oibre) é sin: greas dian, láidir, tapaidh. Budh mhór an cath éisc (deargán, pollóg etc.) é, ní túisce bheadh do doradha amuigh agat ná bheadh breac agat: iasc ag breith go flúirseach, mear. Chonnac cath faoileann in aice Inis Tuaisceart: cath faoileann ar an dtruthbhais: cuid mhór faoileann d'iarraidh bídh do sholáthar dóibh féin. Cuireadh an cath sa mhám cnuic sin ar feadh an lae: buaileadh troid idir armaibh ann. Chaitheas an tigh amach d'fhágaint amach ó bheith ag cur catha orm, ag spochaireacht 'sag teacht treasna orm: d'iarraidh bruighne do chur orm. Grant an ceannurraidh ag an dtaobh thuaidh in iomchogadh na Stát is mó gur briseadh cath air gidh go n-admhuightear gurbh é b'fhearr. Níor scar muinntir na sráide sin riamh le cath, iad do shíor in earrad: achrann a's buadhairt. Thug an fear bocht an-chath uaidh a's é do mhaireachtaint corraidheacht a's cheithre fichid: thug sé anthriaghail uaidh: dhein sé seasamh maith. Bhailigh cath mór fear tímcheall na h-áite ag lorg oibre: sluagh nó líon maith. Budh bheag an nath agam gabháil ar bhur ngaiscidheach a's níor bh'aon fhear catha riamh me: fear acfuinneach: fear maoidhteach as a neart. "Is mithid dúinn stad díobh (cártaidhe), tá an oidhche thar druim" – "bíodh cath eile againn": greas nó babhta eile. Mo thuairm go bhfuil cath éigin ar siubhal ar a bhfuil de dhaoinibh bailighthe ann: buadhairt nó dul tré chéile.

cathach: *a.* de chlódh catha, do bhaint le cath nó cogadh: brónach, buadhartha. Leómhan cathach nár éim riamh troid gur mhinicighe lé gleódh é 'ná lé síothcháin: go mbíodh troda air nó gurbh éigean do troid do dhéanamh. Níor chathaighe ag aonne ag imtheacht na dTighearnaidhe 'ná ge n-a lucht freastail: is iad is mó a bhraith amuigh iad. Budh chathaighe dhómhsa 'ná dhuitse siubhal mar táim bacach: is mó do luighfeadh sé orm. Mo chroidhe go cathach dubhach nuair chídhim an Ghaedhealtacht ag seargughadh: trom, corruighthe. An rud atá thá se, 'sis beag maith bheith cathach: buadhartha. Bíonn seanmhná ann a bhíos níos cathaighe i ndiaidh maidrín 'ná bheidís i ndiaidh duine: brónaighe, caointighe, duairce.

catháil(t): *b.3.* biadh, solmar, cothughadh, cotháilt. Duine gan puinn oibre ann seadh é agus sin é deir a chatháilt leis, prátaidhe a's salann: itheadh, an biadh. Ní haon chatháilt d'aonne dhá chéad púnt sa mbliadhain 'san tslighe tá beatha le daoire: fagháltas chun maireachtana air. Ní bhein id chatháilt chun oibre: ní bhéarfainn biadh dhuit gan trácht ar thuarasdal let olcas. Gheibheann na daoine sin catháilt mhaith ar an ndeallramh atá ortha: fritheáilt bhídh. An biadh cathála is fearr do chapall, coirce: biadh chun a neartuighthe. Fir acfuinneacha dob eadh na seandaoine ar an mbeagchatháilt a bhí aca: an t-itheadh. Tréis mo chathála a's m'éaduighthe is beag é m'fhagháltas i ndeireadh mo sheachtmhaine: an t-airgead do chaithim ar bhiadh, etc.

cathain: *d-bh.* cad é an tráth? cad é an t-am? "An fada go bhfeacaís aonne ón mbaile in Áth Claith?" – "ní fheaca lé fios cathain": lé fada riamh: tá tamall fada ó chonnac.

cathair: *b.4.* baile anmhór: daingean cruinn cloiche. Cloiseadh trácht an domhain lé linn m'óige ameasc na seandaoine, shaoileas gur ró-áluinn í go bhfeaca í, ní cathair mar a tuairisc í: níl sí an céadamhadh cuid chómh maith agus tá teist uirthe. Bhíodh moladh mór air lé n-a fhéile a's a fheabhas i mbun siopa: chonnac é ag eiteach fir ar luach leathchorónach, dá thagairt duit nách cathair mar a thuairisc é: ná fuil sé chómh flaitheamhail a's bhíonn ráidhte. Budh dhóigh leat gur istigh i gcathair do bheidhfeá, an solas go léir atá ag an dtigh: in áit thábhachtaigh bheadh súil agat leis. Fuairtheas tuagh chloiche sa chathair nuair bhítheas ag tochailt ann: san ndaingniughadh cruinn tógtha le cloich: bailiughadh clochán in imeall a chéile. "Go cathair na Naomh go dtéidhidh t'anam, agus tabhair pingin dom": neamh, na flaithis. Rát ameasc na seandaoine go millfí aonne a dhéanfadh díobháil do chathair mar gurb ann do bhí taidhbhsidhe na sean chun comhnuighthe: seanthógbháil chloiche a bhain lé ré na Pagántachta. Déanfaidh cathair den mbaile sin fós: fásfaidh sé an-mhór.

cathais: *b.2.* grádh, searc, gean, ceanamhlacht, geanamhlacht. Mo chathais thu, bí aireach, mar bhrisfeadh sé mo chroidhe dá n-éirigheadh faic duit: mo shearc: is tú go bhfuil cion mo chroidhe agam ort. Mo ghrádh a's mo chathais thu sínte i leabaidh úir: is é mo chroidhe atá lán de shearc a's de chion ort, a's tú marbh. "Suidh im ucht, a chathais", bean le leanbh: a ghrádh mo chléibhe. Na sluaighte d'éag le cathais d'Éirinn, ar chroich lé cloidheamh 'si gcarcar: grádh trom. Cathais seadh mar áit – gleannta, sléibhte, aibhnte, farraige, locha a's oileáin: aoibhneas a's áilne. Lé n-a cathais a's ní lé n-a cuid airgid do phós sé í: a breághthacht.

cathaiseach: *a.* áluinn, soshuimighthe, so-amhairc, deagh-ghnúiseach, deaghamhairc, gleóidhte. Éadach cathaiseach den mhianach dob fhearr bhíodh air i gcómhnaidhe: gur bhreágh leat féachaint air. Cheannuigh sé bróga cathaiseacha go raibh déanamh suaithinseach ortha ar bheagán: galánta, deaghchúmtha. An seanscéal is cathaisighe dár léigheas riamh – Diarmuid is Gráine: dob aoibhne lé léigheamh 'sis fearr curtha lé chéile. Thóg sé tigh gleóidhte cathaiseach do féin ar bhruach na mara: tigh sothaithnimh leis an súil. Léightheóir cathaiseach go mbíodh na daoine bailighthe 'n-a thímcheall ag éisteacht leis go suimeamhail, sásta dob eadh an seanduine: anbhlasta, anlíomhtha as a theangain. Aghaidh chathaiseach gur thug na céadta gean di: aghaidh thaithneamhach, shnasta, intseirce. Á, is cathaiseach an chainnt atá tagtha uait – go n-íocfair thar cheann na bhfear go léir: galánta, fearamhail.

cathaoir: *b.5.* suidheachán ceathairchosach agus drom léi; suidheachán ollamhan; log suidhte mar bheadh i gcarraig. Tá an ghaoth thiar sa chathaoir chun báistighe: san ionad gur b'as is mó go bhfliuchann sé. Bhí sé sa chathaoir chun cainnte: ar a thoil féin agus ar a shocracht. Nuair fhág an Craoibhín an iolscoil chuaidh ollamh eile 'n-a chathaoir: san ionad múinte do bhí aige. Cathaoir uilleann: cathaoir go mbíonn sos dos na géagaibh uirthe. Cathaoir shócamhail: shocair. Cathaoir sheascair: ceann soshuidhte innte. Cuirtear sa chathaoir é: déintear cathaoirleach nó teanga labhartha dhe. Cathaoir chumhadachta: cathaoir go mbeadh caipín os a cionn. Cathaoir bhreitheamhnais: is minic ropaire i

gcathaoir an bhreitheamhnais: cathaoir bhreithimh. Is eaglach duit i láthair cathaoireach an bhreitheamhnais: i láthair an Tighearna chun a thásdála. Cathaoir na glóire: cathaoir an Tighearna, mórtach, árdchéimeach, saorbhreitheamhantais. Cathaoir shúgáin: ceann go mbíonn tón de thuighe fighte innte.

cathaoir: *b.5.* ainm fireannaigh. "Cad is ainm duit?" "Tá m'ainm fúm (cathaoir) a's mo shloinne os mo chionn (caba) – Cathaoir Mac Cába".

cathbhairrín: *f.4.* cathbharr beag; bairéad beag i bhfeirm binne (seál beag). Beainín bheag aosta agus cathbhairrín uirthe b'eadh Siobhán tSéamais: clúdach beag cinn.

cathbharr: *f.1.* bairéad, cinnbheirt do caithtí i gcath; aon tsaghas don gceann. Dheinimís cathbhairr de gheitridhibh: caipín árd fighte de gheitridhibh. Cómhartha drochaimsire cathbharr(a) ceóidh do bheith ar na cnocaibh: caipín: clúdach ar an bhfiormhullach.

cathmhaidhm: *b.2.* buadhachtaint catha, ruaig do chur ar thaobh i dtroid. Deineadh cathmhaidhm orainn tréis seacht gcéad fear do chailleamhaint orainn: cuireadh an ruaig nó an teicheadh orainn.

cathmhíleadh: *f.4.* laoch, ceannurraidh, gaiscidheach i gcath. Nách tú an cathmhíleadh agam gur dhóigh leat go bhféadfá fir do riar i gcath: an treóraidhe fear. Ní h-in Éirinn do fuair a cathmhíleadhtha go léir bás, cuid mhaith aca ar cathláithreachaibh i gceann fear tar lear: taoisigh chogaidh. Brian agus Ó Néill na cathmhíleadhtha a chruthuigh go minic ar pháirc an bhuailte: na h-oifigigh dob fhearr chun fear do riar in oirear troda.

cathshluaghach: *a.* go n-iomad sluagh, fear i gcóir catha nó troda. Fé láthair tá Cómhachta na hEóraipe go cathshluaghach, mar bheidís n-a gcamthaidhibh catha: bailighthe móra fear armtha ag faire ar a chéile.

cathughadh: *f.* (*-ighthe*) do dhéanamh bróin: cumha, aithreachas, croidhe-bhrughadh: éileamh; caitheamh (i ndiaidh); séideadh (fé). Níor chuir sé aon chathughadh orthu dul go Midhe 'on Nuadh-Ghaedhealtacht a's gur shaoil gach aonne go mbeadh aithreachas agus tromchroidheacht ortha: brón fé n-a scaramhaint lé n-a áit dhúthchais. "Ní tháinig aon leitir óm chailín indiugh" - "mo chathughadh é!" mo bhrón é (leamhas). Dathad uair is dócha do thaidhbhrigheadh dom an t-airgead do ghoid, do bhí cathughadh éigin ag an ndiall dhá chur orm: mealladh chun uilc. Bhraitheamair as láthair thu go mór, chuir sé cathughadh orainn gan do chóngamh d'fhághail: buadhairt: aithreachas: dob oth linn é. An mbíonn aon chathughadh i ndiaidh an tobac agat ó chaithis uait é: fonn, éileamh chun a chaithte. Níor bh'fhada cathughadh a mhná air, tréis a báis fuair sé céile eile: buadhairt aigne. "Ná leig sinn do chlaoidheachtaint i gcathughadh ach saor sinn ón uile olc, amen": ná leig sinn do thuiteam lé mealladh an uilc. Ná cuir aon chathughadh orm lé moladh na h-earra san, ní theastuigheann sé uaim: ná déin aon iarracht ar me do mhealladh. Cathughadh an domhain a bhí air nár labhair leat ar chlos do gur theastuigh sé uait: aithreachas, aithmhéala. Daoine neamhmuinnteardha, neamhshíothchánta thugann a saoghal ag cathughadh lé chéile: ag achrann 'sag easaontas. Fear teasbaidh seadh thu ná fuil cíos, cás ná cathughadh air: gan bhuadhairt ná a chúis. A chathughadh ní chuirfead go

deó dhíom nár cheannuigh an leabhar tearc úd nuair fuaireas an chao ar é fhagháil saor: aithreachas. Ní gan cathughadh nirt do cuireadh an chromleac san sa tslighe 'n-a bhfuil sí: cómhacht mhór nirt: caitheamh nirt.

cathuighim: *b.a.* cuirim troid ar, buailim bruidhean, coimheascaraim (lé), tugaim iarracht meallta chun uilc. Ar ghrádh Dé, a's ná cathuigh chun peaca me, ghom spriogadh le hairgead: ná tabhair iarracht mo mheallta le haoibhneas a's tairbhe do tharang dom: b'fhada buadhartha é. Chathuigh Éire lé Sasana d'iarraidh an cheangail do chaitheamh di: ancoimheascar a's an t-imreasán gan staonadh. Do chathuigh an diall chómh mór san gur chrom sé ar an airgead do chúbláil chuige, a's do chur i ngeallaibh capall: do mheall sé é lé muinghin bhuaidhte do thabhairt do. Má chathuighimíd in ao'chor cathuighimís sara neartóchaidh ár namhaid: troidimís.

cathuightheóir: *f.3.* duine a mheallfadh chun uilc, fear déanta achrainn. Mara mbeadh cathuightheóiridhe toirmisc 'sa gcuid cainnte b'fhada go bhfágfadh sé a bhean: lucht déanta buadhartha. Níor leig an cathuightheóir fiú amháin d'ár Slánuightheóir, gan iarracht do thabhairt ar é do mhealladh chun peaca: an diall, mealltóir, duine a shuathfadh aigne chun é do bhaint dá threóir chun é do dhéanamh cionta.

catsúil: *b.* (*g.* –súl) féachaint ghéar, phrap, aireach. Chaith sé catsúil orm mar bheadh sé ag brath roimis: féachaint fhiosrach, aireach, bhraithteach.

cé: *comhnasc* (**gidh, gé, ciodh, giodh**) bíodh gur, d'aimhdheóin, cuirtear i gcás go; mar sin féin; admhuightear go. Cé gur deallramhthach an fear é níl puinn nirt ann: d'aimhdheóin cuma nirt. Cé go mb'fhearr dhom gan an oiread toitínidhe do chaitheamh leanaim díobh: is fíor gur bh'fhearr dhom etc. Cé láidir an leómhan claoidhtear é: admhóchaidh cách go bhfuil sé láidir ach 'n-a dhiaidh san agus uile buaidhtear air. Cé go rabhas ann agus isean leis, ní fheacamair féin a chéile: do bhíomair ann agus gan aon chosc orainn, ach mar sin féin etc. Cé saidhbhir iad ní sona: bíodh a's go bhfuilid saidhbhir etc. Cé go raibh a fhios agam go raibh conntabhairt dul 'on tóiteán thugas fé: bhí a fhios agam, ach níor choisc san me. Cé gur ghoin sé na saighdiúiridhe an fear bocht do lámhach lámhachadar é: ghoin sé iad gan amhras ach níor staon san iad. Brón a's athtuirse, is marbh me cé beó: ar a son go bhfuilim beo, is ar nós an duine mhairbh atáim.

cé: (**cibé, gibé**) *forainm indearbh* aon duine in ao'chor, cách i gcoitchinne, aon rud in ao'chor. "Cé sin?": cad é an duine a ghaibheas an treó so? Inneósad-sa dhuit cé me: cér díobh, m'ainm agus mo shloinne a's gach aonnidh mar gheall orm. "Beidhfear ag lorg bheith istigh oraibh anocht" – "cé?": inns dom an duine nó na daoine. Cé dhéanfadh a lithéid de ghníomh ghránda? is beag duine sin. Cé b'áil leat ag dul chómh luath? cad fáth? Cér b'áil lé Dia me chur ar an saoghal chun me do chlipeadh ar an gcuma so? cad é toisc Dé etc.? Cé b'é sin de níor stadadar d'argóint gur bhuaileadar a chéile: bíodh san mar bheadh etc. Cé b'é duine throidfeadh agus chlaoidhfeadh an gaiscidheach gheóbhadh sé inghean an ríogh mar chéile. "Raghainn ann, dá mbeadh a fhios cé bheadh ann" – "ná bíodh 'cé ná céa' agat ach tair": cuir uait ceisteanna.

ceabhráil: *b.3.* casaoid, gearán, clamhsán. Dá gcuirfí an cnoc so thall ar an gcnoc so abhfus do bheadh ceabhráil an diaill bhuidhe air: ní shásóchadh rud dá fheabhas é. Dá fheabhas as bheadh sé bíonn ceabhráil na gile air, so a's súd gach aonne ach aige féin: cnáimhseáil a's míoshástacht.

ceabhrálaidhe: *f.4.* cnáimhseálaidhe, cníopaire. Ceabhrálaidhe ná fágfadh gearán ná easbhaidh gan bheith ghá shamhlughadh dho féin: duine go mbeadh gearán nó iomard éigin do shíor dhá cháiseamh aige. An ceabhrálaidhe ná feicfeadh a chroidhe dá mbeadh sé ar a bhais aige lé sprionnlaitheacht: duine gearánach gan adhbhar agus cumhang, sprionnlaithe fairis sin.

ceachaire: *f.4.* sprionnlóir bochtchroidheach. Ceachaire beag lán d'airgead nár bhog a chroidhe le haonnidh riamh: ruidín sprionnlaithe. Ní tugtha dho dhuine bheith 'n-a cheachaire ameasc daoine ar rud bheag: cruinn fé n-a scaipeadh.

ceachaireacht: *b.3.* sprionnlaitheacht, easbaidh, amhgar, dochraideacht, teimheal, suaraidheacht. "Ní thaithnigheann ceachaireacht liom" ars an fear, ag síneadh feóirlinge chun bacaigh: neamhfhéile. Ceachaireacht chruaidh budh le mo dhíol mo chapaill: easbaidh mhór. Clú gan cheachaireacht atá ort, agus é tuillte agat, mar is mó maitheas déanta agat: smál.

céachda: [**céachta**] *f.4.* úirlis curadóireachta chun an fhóid d'iompódh a tairngtear lé bullánaibh nó le capaillibh nó inneall. An cham chéachda, bíonn sí ó thuaidh ar barra liath i dtreó Chinn Sraithe orainn annso i nDún Chaoin: reann go bhfuil áirighthe réalt ann agus déanamh an chéachda air. "Chómh cam leis an gCam Chéachda": an-cham ar fad.

ceacht: *b.3.* aon rud a léightear nó a saothruightear chun maitheas nó múinte; teagasc; léigheacht; aitheasc. Ní mhúinfeadh an saoghal ceacht do, dubhairt an dochtúir leis gan bhaint lé n-iomad suathaidh gen a chroidhe lag: ní ghlacfadh sé le cómhairle a leasa dá mhéid solaoid bhí factha aige. Thug an máighistir ceachta dos na scoláiridhibh lé saothrughadh sa bhaile thar oidhche: obair áirighthe lé déanamh nó lé foghluim. Bhaineas an ionga dhíom féin le casúr ag tiomáint tairnge; múinfidh san ceacht dom bheith aireach an chéad uair eile: béarfaidh san eólas aire dhom. "Ara, mhuise, is maith atá do cheacht agat, a bhuachaill": deirtear lé duine a dheineas a ghnóth go cliste. Cuir i gcás fear chlis na lúibe nuair chidhtear é ag mealladh a gcuid airgid ós na daoinibh agus nách féidir buadhachtaint air deirtear, "is maith atá do cheacht agat, a bhioránaigh": níl aon easbaidh eolais ort.

ceachtaire: *f.4.* fear déanta céachda. Ceachtairidhe maithe seadh muinntir Néill (gaibhne): táid i ndán céachdaidhe do dhéanamh, do leasughadh nó do dheisiughadh go maith.

cead: *f.4.* (*-anna*) toil, saoirse chun do dhéanamh, ughdarás do bhronnadh chun ruda do dhéanamh; neamhchosc, neamh-thoirmeasc. B'fhuraiste aithint gur mar sin (go holc) do bheadh ag an mbiorránach san, is fada cead cinn a's cos dhá leigeant leis: déanamh an uile ruda gan bac ná treasughadh. Tógfad an rud so léd chead, d'oirfeadh sé dom: léd

thoil, gan aon bhac ná cosc uait. Níor thugas mo chead leis an dtalamh do roinnt: an buanacht do bhí agam ar chosc do chur leis níor scuireas í. An dtugair do chead dom do bhád do bhreith amach? do thoil shaor. Tagann an bás gan chead dúinn: d'ár n-aindeóin: ní iarrann sé saoirse gnímh orainn. Is oth liom an chainnt ghránda san do rádh, i gcead díbh-se: gabhaidh agam mar gheall ar bheith chómh míbhéasach san. I gcead na gcuideachtan thug sé striapacha a's tuinncéiridhe ar an bpobal: ag gabháil párdúin agaibh-se mar gheall ar an gcainnt d'aithris. Tógfad an gluaisteán so ar feadh lae nó dho" – "tá a chead san agat": is féidir leat uaimse nó aonne go bhfuil neart do chosca aige. Raghad in aon áit is maith liom gan chead d'fhiacalaibh aonne: deirtear san nuair is mian le duine do chur in iúil ná fuil tur aige ar aonne ná buannacht ag aonne ar a luadar. Is cead do a rogha rud do dhéanamh: anois go bhfuil a chuid oibre críochnuighthe aige: tá sé saor glan anois gan é bheith fé smacht aonne. Chuireas i gcead an Riaghaltais tigh do thógaint ar an gCoimín: d'iarras a gcómhairle an mbeadh so ceart nó dleaghthach. Gabhaimíd cead agaibh anois, beam ag taisdeal tar lear: fágaimíd slán a's deighmhéin agaibh. Tréis cead a chos d'fhagháil an uair úd: é do scaoileadh as an gcarcar: é d'fhagháil saoirse is tola aon chúram, gnóth nó ceangal do bheith air do chaitheamh uaidh. Ní bhfuaireas cead mo chos go dtí n-a trí, bhíomair chómh cúramach san ag saothrughadh na gcúntaisidhe cinn bhliadhna: scaoileadh nó scur óm chúram. Tugtar an iomad do chead a gcinn dos na daoinibh óga indiugh, dar leis na seandaoinibh: an iomad dá slighe féin. Sé an oiread san measa díreach d'fhan ges na daoinibh orm tréis a ndeárnas dóibh ná tabharfaidís cead cainnte ná éisteachta dhom: d'éimeadar ar fad me. Ná bí chómh dian san air, faigheadh sé cead cainnte: saoirse chun an chruinnighthe d'agallamh. Cuireann sé meas aca ortha féin cead cuairde an chaisleáin do bheith aca: gan bac ortha teacht go dtí pé feidhm cómhluadair a bhíos ann. Toisc an ghiorracht dá chéile i ngaol caitheadar cead pósta d'fhagháil ón easbog: scur cola. "D'fhág Dia cead uilc a's mhaitheasa ag aingil an uabhair: a rogha rud do dhéanamh" – seanrádh. "Níl uaidh ach an cead": lán d'fhan cun ruda do dhéanamh. Fuair sé cead díoltachaín óil a's tobac: cómhacht na dlighe atá riachtanach. "I gcead díbh-se", bhí sé ag itheadh bhídh ar chuma na muice: is oth liom é d'aithris in bhur n-éisteacht. Cead ó Dhia a's ó dhuine chun a pósta aige: dréir dlighe na talmhan a's na heaglaise níl aon chosc air. Níor saothar go dtí é, ag sluaisteáil ghuail ar dalladh, a bhuidhe lé Dia go bhfuil cead m'anáile sa deireadh agam: eaga shuaimhnis. Dhéanfadh an duine úd rud ar chead nó cosc: budh chuma leis toil dhuine do bheith aige nó gan bheith.

céad: *f.1.* chúig fichid; chúig fichid duine; chúig fichid bliadhain; an toradh gheibhtear ó n-a deich fé dheich; ceanntar; roinnt de chondae; cuid mhór mhaith; tómhas; sé fichid i gcómhaireacmh éisc, ubh, planndaidhe etc.; an t-ochtmha cuid d'acra Gheadhealach. D'fhág sé na céadta le linn bháis do: saidhbhreas mór. Bíonn na céadta galar air, é ag síorghearán: cuid mhór ghalar: ghearánann sé go mbíonn gach galar fén spéir air. "An bhfuil aon mhoill anois ort?" – "na céadta": cuid mhór. Duine a dhéanfadh é (gníomh olc, gníomh nirt, gníomh galánta etc.) a's céad duine ná déanfadh: cuid mhór. "Céad fear óg a leanfadh sinn": sluagh mór. Le corp nirt dhíreóchadh sé céad meádhachthana i ngach láimh leis: d'árdóchadh sé ocht gclocha meádhachana. Marbhuigheadh na céadta céadta fear san gcogadh mór: budh dheacair do chómhaireamh an méid do marbhuigheadh ann. Mairfidh sé an céad: slánóchaidh sé chúig fichid bliadhain sara n-éagaidh sé. Mhair sé go hárd os cionn céad. Ní fadó in ao'chor é seo, thárlaidh sé ar an dtaobh istigh de chéad: fé

bhun céad. Cad n-a thaobh ná beadh cuimhne ges na seandaoinibh air, ní hiad na céadta bliadhan atá ann: cuid mhór mhaith aimsire.

céad: ar dtúis, an uair thosaigh, an togha. Is tú an chéad fhear a tháinig isteach: ní raibh aonne romhat. Is é an chéad áit do shroicheas ná Nuadh Eabhrach: níor shroicheas aon áit eile roimis. B'é an chéad mharcach sa rás é: is é a bhí i dtosach ag teacht isteach. A chéadshearc mo chléibhe, ná tréig me: a ghrádh is ró-ionmhuine. Beir ar an gcéad fhear go nglaodhfar air, ós agat is mó atá eólas: ní glaodhfar aonne rómhat. Dá ndéantá na ceisteanna go léir do léigheamh an chéad lá sar ar fhreagrais aon cheann: ar dtúis. Sid é an chéad fhear, chapall, scoláire etc.: an fear etc. a tháinig ar tosach nó fuair tosach.

céad: *i gcomhfhoclaibh* den uair thosaigh, bunaidh. Is ar neamh atá céadrí an domhain: árdrí. An chéadriaghail a bhaineas lé saighdiúireacht, misneach: an riaghail bhunaidh.

céad: *i gcomhfhocalaibh* chúig fhichid, deich fé dheich: mórchuid. Féach air fear céadchasógach: fear a bhailigheas casóg anáirde air féin ón bhfuacht. Duine céadlochtach me admhuighim: lochtaidhe go flúirseach orm. Conn céadchathach: conn rí na mórchath. An Spáinn céadlongach: an Spáinn go raibh iliomad long aice. Lúbaire céadchleasach ná féadfadh aonne teacht as a chrúcaidhibh: cam cealgach ar iomad slighe.

ceadach: *a.* do chead do bheith ag, toilteanach, lamhálach, saor chun a dhéanta. Níl sé ceadach againn cuid na gcómharsan dréir dlighe Dé agus na talmhan: níl sé lamhálta: ní leigtear dúinn sin, toisc ná fuil sé cóir ná ceart na dlighe a riaghaluigheas coguas an duine. Níl sé ceadach agam goid do dhéanamh: nílim saor chuige. Rud neamh-cheadach seadh poitín do dhéanamh: tá bac air ag an Riaghaltas. Dá mbeidhtheá ceadach leis thógfainn do chasóg bháistighe: dá mbeadh do thoil leis. Níor cheadaighe dhuitse ná dómhsa an rud do thógaint nár bhain lé haonne againn: ní rabhais saor chun a thógtha ach an oiread agus do bhíos-sa: an raibh an ceart agam chuige agus ní lugha bhí 'ná bhí agatsa. Níl sé ceadach agat (duit) cuid mo mháighistir do ghlacadh uaim, ná ceadach agam ná liom é do thabhairt duit: dréir gach bunadhais cirt agus córa do bheadh bac orainn aon bhaint do bheith againn leis. Maidir liom-sa dhe, ná bím d'bhur gcosc ar stad, táim ceadach: táim toilteanach.

céadamas: *f.1.* an chao a thagas i dtosach, i dtosach, san áit thosaigh. An céadamhas do fuaireas ar an síonteanntughadh thugas fé i mbád beag dearóil: an chéadchao, a túisce a's taidhbhsigheadh dom go raibh dul agam ar éirghe liom. Ar an gcéadamhas bhuail sé sa chorrán mé agus shín fuar marbh: a thúisce agus ná raibh aon rud chun é do chosc, nó go bhfuair sé an lom orm. Ar an gcéadamas cuireadh an teicheadh ar na dubhchrónaigh sar a raibh puinn piléar caithte: gan puinn moille. Ar an gcéadamas do gheóbhadh an gréasaidhe do dhéanfadh sé mo bhróga do dhéanamh, gheall sé, táid gan déanamh fós: luathóchadh sé chun a ndéanta. Ar an gcéadamas ní mór dúinn teine d'adughadh d'fhonn bídh do bheirbhiughadh: chun tosnuighthe.

céadcheapaim: *b.a.* ullmhuighim gan puinn slachta, gan a chríochnughadh, ceapaim nó cumaim den gcéad uair. Is é Dia a chéadcheap an talamh so: do chruthuigh sé, mhachtnuigh a chruthughadh. Céadcheapfadh rothanna na trucallach duit gan mhoill:

leabharóchad an obair, cuirfead i bhfeirm agus lé chéile na rothanna gan slacht chríochnuighthe do chur ortha. An té a chéadcheap muir a's talamh: a mhachtnuigh ar an gcruth agus a dhealbhuigh iad.

céadcheapadh: *f.* (*-ptha*) do dhealbhughadh i dtosach, do dhealbhughadh gan chríochnughadh den iarracht san. Táthar ag céadcheapadh an tighe: ag cur an fhotha agus ghá shíneadh amach. Cuireadh ag céadcheapadh adhmaid me ar dtúis nuair chuadhas lé siúinéireacht: dhá chóiriughadh gan an tslacht riachtanach ar fad do chur air. Níl aon amhras ná go raibh inntleacht ag an té a chéadcheap eiteallán do sheóladh tríd an spéir: a mhachtnuigh ar an saghas innill, agus annsan a dheilbhigh agus d'oibrigh é.

céadchuirim: *b.a.* is me an duine donn tosaigh chun a chur. Cé h-é an dóigh leat, a chéadchuir cloch sa chaisleán san? a leag an chloch bhuinn. An tusa a chéadchuir an cheist? a chuir ar dtúis í. Tusa a chéadchuir ormsa, mar ghlaodhais bitheamhnach orm: tusa a thosnuigh imreas eadrainn araon.

céadlongadh: *f.1.* céad bhéile na maidne: céalacan. Táim ar céadlongadh fós: gan aon rud d'itheadh: im throscadh. Cathain theastóchaidh do chéadlongadh uait? céadphroinn.

céadlongaim: *b.a.* caithim an chéad bhéile, ithim mo chéadphroinn: gabhaim le troscadh. Is fada an tráth ó chéadlongas indiugh: ó itheas. Is gnáthach go gcéadlongaid go moch: go gcaithid a gcéadphroinn. Céadlongfad ambáireach mar dhíoghal im pheacaidhibh: séanfad biadh: déanfadh tréanas.

céadmhuinntir: *b.2.* an treabh nó aicme budh thúisce in áit; an dream a tháinig roim, i dtúis dréir tuarasgabhála. An Seonchraipí agus a athair ár gcéadmhuinntir san áit seo, go bhfuil aon chur amach againn ortha: ár sínsear is sia siar is eól dúinn. Muinntir Shéaghdha agus Muinntir Fháilbhe céadmhuinntearacha Chorca Dhuibhne: na daoine is sia agus is sine a lonnuigh ann.

céadthoradh: *f.1.* an meas tosaigh. An céadthoradh thug an talamh san agam coirce: an barra a fhás ann agam. Ní ag na daoinibh do bhíodh céadthoradh na talmhan aimsir an deachmhaidh: an chuid dob fhearr dá dtugadh sé.

céadthosach: *f.1.* fíorthúis: an rud a thagas roim aon rud eile. B'é céadthosach a ratha an chianmhaoin a thuit leis: an t-airgead do fágadh in udhacht aige do chuir bun ar dtúis air. An uair chaill sé suim airgid trí cheannach an tsiopa úd, b'shin é céadthosach a mhío-áidh: sin é díreach a thosnuigh leis.

céaduair: *b.2.* an turus budh thúisce, tosaigh, den gcéadiarracht. Ní h-aon iongadh liomsa tú bheith id bhleaigeárd, ní hé an chéaduair agat é: is minic cheana tú mar sin. "Scaoiltear leat", ars an giúistís, "ó sé céaduair agat ag goid é": ní heól gur ghoidis cheana. Déin do cheacht do shaothrughadh, a leinbh, i gcéaduair, a's ná bac lé léightheóireacht: roim aon rud eile. Ní hé céaduair agat ag aighneas é: táir taithightheach air.

ceadughadh: *f.* (*-uighthe*) do lamháilt, do thoilteanughadh, do leigeant; saor-thoil, lamháilt: cómhairleach. Ní bhfaghainn ceadughadh na hEaglaise mo chol ceathrair do phósadh: toil, an col atá ag an Eaglais leis do chur ar neamhnidh. In aimsir an achrainn a's an cathuighthe ní bhíodh sé dhá cheadughadh d'aonne gunna do bheith aige: ní bhíodh sé dhá leigeant d'aonne. Ní bheinn ag lámhach ar an sliabh so ó bhliadhain bliadhain mara mbeadh é bheith dhá cheadughadh dhom: dhá leigeant dréir na cómhachta atá ann. Cuimhnigh ná fuilim dhá cheadughadh duit an leabhar san do choimeád: ag tabhairt mo thola leis. Caithfear seilbh a's áis gunnaidhe do chur i gceadughadh an lucht ceannais: fé thuigsint an lucht ceannais ar cheart nó dlistinneach é, nó ar bh'fhonn a's toil leo é.

ceaduighim: *b.a.* tugaim cead, saoire, saorthoil, leigim rud do dhéanamh, toilighim, is fonn liom, is mian liom, iarraim aisce ar. Ceaduighim ort dul abhaile anois: iarraim cead nó saoirse. Níor thógadar mo chapall gan a chéadughadh orm: a iarraidh an raibh mo thoil lé n-a leigeant dóibh é do bheith aca. "Cé hé a bhíos cionntach i bpeaca?" – "an té a mholas, a aontuigheas nó a cheaduigheas an peaca do dhéanamh": ná coisceann é a's gur bh'é a cheart san agus a chómhacht aige. Is beag gábhadh lé n-a iarraidh air sin an mbeadh sé toilteanach lé n-a ainm do chur síos le chúig phúint, cheadóchadh aon deaghghníomh: bheadh sé leis: thaobhóchadh sé gan tafant. An gceadófá an imirt do thosnughadh glan amach airís d'fhonn deireadh do chur lé háiteamh? ar bh'é do thoil é? Ní cheadóchadh sé ar rud mhaith gan bheith in Éirinn aimsir an éirighthe bhí a chroidhe chómh mór san sa dúthaigh aige: ní thabharfadh sé: níor bh'áil leis é. Ceaduigheann an Eaglais an tSaoire do bhriseadh le linn gádhtair: leigeann sí a briseadh saor ó pheaca. Is é mianach an duine gur iomdha rud ná déanfadh sé dá gceaduightí féin do é: dá mbeadh saoirse nó scaoileadh leo saor ar fad aca.

ceaduighthe: *a.r.* lamhálta, saorleigthe, saorthoirmiscthe, cómhairlighthe. Níor cheaduighthe dhuit ar chuid mhaith imtheacht gan culaithirt oireamhnach i ndubhluachair na bliadhna: níor lamhálta, níor cheart duit leigeant do bheith mar sin. Níor cheaduighthe do dhuine scaramhaint lé capall maith, pé luach a raigheadh sé: níor bh'é beart dob fhearr ar a láimh é. Ní ceaduighthe dhuit labhairt leis dá tharcuisnighe é: trí mheas ort féin níor cheart duit tor do thabhairt air. Níor ceaduighthe liom ar chúig phúint cás toitínidhe fuaireas mar bhronntanas do chailleamhaint: b'fhearr liom ná.

ceaduightheach: *a.* ionlamhálta, inleigthe. Budh cheaduightheach don mbainisteóir eochracha an bhainnc do bheith 'n-a sheilbh de ló agus d'oidhche: ní raibh aon chosc air: b'é toil, aigne lucht stiúrtha an bhainnc é. An ceaduightheach dom teacht isteach gan díolaidheacht? an bhfuil saorghluaiseacht agam: an gcuirfear cosc liom? an ndéanfar é do thoirmeasc orm? Rud ceaduightheach don duine seadh anam an fhir thall do bheith aige roim a anam do bheith ag an bhfear thall.

ceáfra: *f.4.* geáitse, seópáil, lústar, damhas lé deighmhéin nó meidhir; geamghal. D'aithnigheas ar na ceáfraidhibh a bhí fé, gan suidhe ná luighe aige, go gcuirfeadh sé rud éigin bun os cionn leis na húirlisidhibh: an ghabháil tímcheall 'san teangbháil ar na ceáfraidhibh atá fé tímcheall ar an gcailín sin mo thuairm gur pósadh thiocfas as: na bóithre, an tslighe neamhghnáthach – ná rudaidhe atá aige dhá dhéanamh ná déanfí de

ghnáth. Ceáfraidhe an domhain uile bhíonn fé cailín suirgheachta: tugann sí bóithre uirthe féin agus deineann rudaidhe ar shlighe ná féadfí gan ceann do thógaint di. Ceáfraidhe rinnce an diaill bhuidhe a bhí fé mar bheadh sé ar bogmheisec gur thuit sé isteach 'on teine: tímchill mar bheadh meidhir air nó d'iarraidh meidhreach do chur ar a lucht féachta – geábh thall a's geábh abhfus a's cumaidhe aite. Ceáfraidhe aite seadh bhíonn ar siubhal ag buachaill a's cailín nuair bhíd ag suirgheacht. Ní thaithneóchadh do cheáfraidhe lé haonne, bír lá ag moladh dhuine agus lá eile dhá cháineadh: na himeachta aite gan aon stuidéar leat. Ceáfraidhe na cruinne uile bhí fén leamhan gur dhóghaidh sé é féin ar an solas: seópáil eiteallach sall 'sanall gan aon deallramh. Fear mór ceáfraidhe seadh é, ar a mheisce nó ar a chéill: bíonn geámaidhe, imtheachta fé, bóithre dhá thabhairt isteach aige is neamhchoitcheann ag an ngnáthdhuine: cumaidhe a's gluaiseachtaidhe fé, ag leigeant air ag dúmas – d'fhonn grinn do dhéanamh nó le h-aiteas. Chuir ceáfraidhe an chapaill ar m'aire me: neamhshocracht, neamhshochma imtheachta. Níor bh'aon iontaoibh liom an phiast fharraige ar na ceáfraidhibh a bhí fúithe, éirghe seal 'sag múchadh seal, a's seal eile ag rámhaidheacht tímcheall orainn: ná cúrsaidhe neamhghnáthacha, faitchíosacha a bhí dhá thabhairt isteach aice. Mhuise, budh mhór iad ceáfraidhe shean-Radhairighe Uí Chinnéide nuair bhíodh sé ag seimint ar an gcéad-fheis a bhí sa Daingean: ná cuir do chuireadh sé dhe lé meidhir a's éirghe croidhe. Ceáfra atá aige seadh an ghloine do bhriseadh tréis a hólta: slighe chun caoraidheachta na ndaoine do tharang air féin.

ceáfrach: *a.* tugtha do cheáfraidhibh, do choraidhibh a's do chumaidhibh neamhghnáthacha d'fhonn go dtógfí ceann de; neamhshocair, ceannuaiscneach. Ainmhidhe ceáfrach seadh an capall san nár mhór bheith aireach air, níor bheag aige sceit do bhaint as: capall mear, neamhshocair dá mbeidhtí ag baint leis, nó é bheith de mhianach ann. Cídhfeá rinnceóiridhe ceáfracha ar an bhfléige san amharclann a chuirfeadh na clocha glasa ag gáiridhe: ag gluaiseacht a gcos a's a gcorp ar chumaidhibh nách gnáth leis an rinnceóir coitcheann. Ná bí chómh ceáfrach leis an bpeann, agus scríobh t'ainm i gceart: ná bí ag baint chastaidhe aiste nách gábhadh. Déineann braon beag den mbeathuisce ceáfrach a dhóthain é: cuireann sé anam ann go músclann agus go ndéineann rudaidhe meidhréiseacha.

ceáfráil: *b.3.* do dhéanamh geaitsidhe, do dhéanamh geámaidhe, d'imirt chleas, do leigeant ar, dúmas, aithris mheidhreach. Tréis na ceáfrála go léir ameasc na cuideachtan níor fhiafruigh sé d'aonne díobh an raibh béal ortha: an leigeant air agus na cleasa glioca a's an phocléimreach a bhí aige dhá dhéanamh. "Cuir uait an cheáfráil" ars an ceann leis na cailínidhibh oifige nuair tháinig sé ortha a's iad ag súgradh in ionad bheith ag obair. Capall ceáfrála a's ní capall oibre atá agat: capall neamhshocair go mbíonn imtheacht corrthónach fé: ag tógaint sceiche ar bheagán cúise, ag rith fé ualach, etc. Rinnce, is agam ná fuil sé ach déanfad ceáfráil éigin chun sibh do shásamh: corruighe cos aisteach in aithris rinnce. Cuir uait do cheafráil agus imir do chártaidhe i gceart, rámhuigh i gceart, coimeád an solas dhom, seachain an scian: stad des na cleasaibh aite, greanmhara. Iarracht cheáfrála ge triúr aca – babhtáil rinnce, dornála, rothaidheachta, iomloisc, comhchainnte grinn: iarracht chliste iolchor. Ceáfráil a bhí aige nuair dubhairt sé go dtiocfadh sé mar b'eól do ná raibh ceaduightheach aige: dúmas, leigeant air. Tháinig lucht an dreóilín chugham ar ádhmhaidin agus mar ar dheineadar ceáfráil ar lic an teinteáin agam: geáitsidhe rinnce, pocléimreach, geábhanna thall 'sabhfus. Ní haon nath

ceáfráil gan éifeacht na ndaoine n-óg: an t-imtheacht ’san t-iomchar aerach a bhíos fútha. Cad is bun leis an gceáfráil seo tímcheall agat orm? – milsean, is dochá: an aistidheacht so, an imirt agus an damhas go gcuirfinn tuath ionat.

ceáfrálaidhe: *f.4.* duine a bhíos lán de gheáitsidhe a’s de gheámaidhibh a’s de dhúmas. Ní fheacas ceáfrálaidhthe cearta riamh ’n-a gcás ach moncaidhthe, ag léimeadh, ’sag iomlasc ’sag scread allagar: damhasaidhthe, aisteóiridhe aisteacha a chuirfeadh greann ort lé n-a gcuid cleas. Dhein na ceáfrálaidhthe iarracht a chuir a raibh istigh i dtrithidhibh dubha gáiridhe lé n-a gcleasaibh cliste, greanmhara. Ceáfrálaidhthe ná leigeann do dhaoine iad san: lucht cleas: dream a bhíos ag leigeant ortha chun grinn a’s caitheamh aimsire.

ceáfruim: *b. n-a.* damhasaim, súgraim, déinim geaitsidhe a’s cuirim cumaidhe orm féin; gluaisim go haerach; léimim go teasbamhail. Ceáfruigh amach annsan ameasc na rinnceoiridhe, mar an tú atá go righin: léim amach annsan agus damhsuigh nó déin meidhréis. Dar ndóigh nuair cheáfraim ar clár is aoibhinn lé mnáibh me: nuair bhainim cor neamhghnáthach anonn ’sanall as mo ghéagaibh a’s as mo chorp nó lé hinntin seoidh. Ní cheáfróchainn a thuilleadh leat, ní haon dóighchín ghrinn thú: ní dhéanfainn a thuille súgraidh ná seóidh leat. Ceáfrann na moncaidhthe sa chás nuair thugaid fé go mbítear ghá dtabhairt fé ndeara: iomcharaid iad féin ar chuma do chuirfeadh aiteas ort: léimid ó luaisceán go luaisceán, scréachaid, tochaisid iad féin, deinid an uile shórt ruda dob ait leat do dhéanamh ag ainmhidhe: bíd go greanmhar.

ceaidé: *f.4.* (*iol.* ceaidéthe) duine díomhaoin, neamhaistearach. Cá bhfuil (cabhail) an ceaidé? (bíonn tagairt annso do dhuine éigin áirighthe is eól don té go gcuirtear an cheist air): an duine beagchúirim: a bhíos do shíor gan puinn dochma ag obair na saoghaltacht ghá chur air. Nár bh’fhearr dho dul ’on arm ’ná bheith ag imtheacht ’n-a cheaidé gan ghnóth gan chúram gan tuilleamh gan tuarasdal: fuairthé. Bead im cheaidé gan mo chapall i rith na seachtmhaine: fuar, díomhaoin. In a cheaidé ó thigh go tigh do thugann sé a shaoghal: ag spaisteóireacht ’sag bothántaidheacht.

ceáidéacht: *b.3.* cúrsaidheacht gan chúram; neamhaistearacht, cnámh-díomhaointidheacht: neamhfhonn oibre: fuairthéacht. Bhur ngnóth atá déanta agaibh, ní hiongadh fonn ceáidéachta oraibh: fonn díomhaointis. Fear dúthrachtach ná raibh aon cheáidéacht riamh ag baint leis: fonn seachanta oibre. Ceáidéacht atá dhá thaidhreamh do dhaoinibh anois, dá mbeadh obair dhá thafant ortha ní ghlacfaidís í: ag imtheacht tímcheall gan aon chúram na fonn gnótha (ceaidéireacht). Ní ceáidéacht a ghnídheas obair: fuairthéacht, fánaidheacht, fuarspreóis.

ceailis: (**ceailiseóg**) *b.2.* duine neamhghasta, neamhshlachtmhar, mór neamhchúmtha. Dhein ceailis de lé díomhaointeas a’s biadh maith, ná tiocfadh sé isteach an doras san duit: fear borrtha gan cuma. Ceailis mhná ná glanFadh a’s ná nighfeadh aon árus tighe: bean théagartha dhrochchúmtha neamhghasta. Ceailis fhir seadh anois seachas dhá bhliadhain ó shoin dob é bhí caithte croithte: mór feólmhar.

ceaint: *b.2.* reic nó díol poiblidhe sealbha nó earraidhe leis an té is aoirde tairsgin. Cuirfear a chuid talmhan ar ceaint lé fiachaibh: tairngeófar go poiblidhe lé díol iad leis an té is aoirde a rachfas in airgead air. Beidh ceaint ar mhucaibh ambáireach, cloisim go bhfuil ceannuightheóiridhe go piaclach chúcha lé seachtmhain: glaodhach mór a's luach maith. Aimsir an chogaidh mhóir bhíodh an ceaint ar iasc, budh chuma úr ná cabhruighthe é: bhíodh an tóir a's ceannach daor air. Maran ar cheárdaidhthibh atá an ceaint: glaodhach: éileamh: cuid mhór ar a n-éileamh chun oibrighthe dhóibh. Sid é an saoghal go bhfuil an ceaint ar thoitínidhibh ag an aos óg: ceannach a's caitheamh ortha. "Tóg as mo radharc é, cuir ar an gceaint é!" ní fiú faic é.

ceainteálaim: *b.a.* díolaim go poiblidhe nidh leis an té is aoirde tairsgin. Caitheadh amach é a's ceainteáladh a thigh i gcoinnibh na bhfiach: díol é ar an dtairsgin dob aoirde. B'fhearr liom anois go gceainteálfainn é ná é dhíol go foluightheach: go dtairngeóchainn lé díol don gcoitchiantacht é. "Ceainteáil anois é!" níl aon ghnóth agat de; laitis é.

ceainteáil: *b.3.* cur ar díol go poiblidhe fé thairgin cháich. Bíonn ceainteáil ar stoc gach tráthnóna aonaigh ar an nDroichead Beag: duine ann agus stoc dhá thairsgin lé díol aige ar an méaróig is aoirde. Sráid mhór cheainteála seadh í, suas cois na habhann ó Dhroichead Uí Chonaill: bíonn earraidhe ilchineálacha dhá thairsgin lé díol ann don méaróig is aoirde. Bhailigh an oiread san daoine tímcheall orm, budh dhóigh leat gur ghom cheainteáil do bhítheas: bhí greann aca orm.

ceainteálaidhe: *f.4.* duine gur b'é a chúram é nidhthe do thairsgin lé díol ar reic poiblidhe. Níl ceal cainnte air ach an oiread lé ceainteálaidhe: ritheadh seama aige mar bheadh ag ceainteálaidhe .i. teanga ar a dheis a's ar a chur chun na n-earraidhe do mholadh.

ceaisil: *b.2.* bréagán cruinn anáirde ar a bhárr ag caolughadh leis síos, agus spiara iarainn 'n-a cheann caol, do chuireann buachaillidhe ag rinnce (casadh) le córda. Cuir do cheaisil ag rinnce. Is mara chéile liom céad meáchana ar mo láimh nó ceaisil 'n-a codladh!!! ceasil nuair bhíonn sí ga rinnce chómh mín sin go mbíonn glór binn aice a's gur ar éigean bhraithfeá í. Níl aon déanamh ag teacht anois air ach déanamh na ceaisile: déanamh cruinn míochórach.

ceal: *f.3.* easbaidh, easnamh, gannchúis, bás, bheith ar iarraidh, bheith ar neamhnidh. Leigfeadh an Ghaedhilg ar ceal ar fuaid fhurmhóir na hÉireann agus a rian, is beag duine go bhfuil sí aige: tugadh faillighe innte: níor cleachtadh í do labhairt. Cér bh'iongadh leat teasbach do bheith air agus gan ceal fén spéir air – airgead, sláinte a's beatha mhaith: gan aon rud fén spéir ag teasdbháil uaidh. Mara bhfuil tobac agat, déin dá cheal: beir n-a éaghmais chómh fada lém chuid-se dhe. Dá mbeadh ceal bídh ort bheadh malairt ceóil agat: easbaidh bídh: gan biadh bheith agat bheadh cnáimhseáil ort. Nós a bhíodh annso fadó geitridhe do chur i mbéal dorais oidhche Nodlag a's atá ag imtheacht ar ceal anois: ag dul i léig: gan cleachtadh bheith ghá dhéanamh air. Ní lé ceal cainnte nár héistigheadh leat: is deimhnightheach gur dheinis do chuid den gcainnt má dhein aonne é. Is minic a deir duine focal bunoscionn lé ceal tuigseana: gan eólas do bheith acu go ndéanfadh a gcarbhall goilleamhaint ar aonne bheadh ag éisteacht leis. Le ceal luadair ná deaghas 'n-a

shochraid: gan an lúth ghluaiseachta do bheith ins na géagaibh agam. "Á, níl aon cheal corráiste ort", deirtear. Déanfar an tigh do thógaint 'om (dom) cheal-sa, ní íocfad pingin as: gan mo chabhair, im éaghmais. Níl aon cheal teasbaigh ort, bheith ag lorg ruda ná fuil aige ar dhuine bhocht: an iomad éirghe anáirde atá fút. Leig ar ceal iad mar fhiachaibh, ní haon fhagháil do gheóbhfá ortha choidhche: déin dearmhad ortha. Oíle atá de cheal orainn chun gluaiste: oíle agus oíle amháin an t-aon easbhaidh atá orainn. Do ghéaruigh an bainne de cheal a chaithimh: toisc gan é do chaitheamh. Deirtí go raibh draoidheacht éigin aige, go gcuireadh sé i gceal an rud bheadh os do choinne: go gcuirfeadh sé air ceileabhradh. Ceal sláinte, ceal codlata, (de) cheal ná fuil a fhios agat go rabhas le teacht: mar dheadh ná fuil etc. (De) cheal nár mhaith leat breis d'fhagháil: ag leigeant ort etc. Cheal ná raibh a fhios agat cheana d'innseas duit é: ar eagla ná raibh a fhios agat etc. Fuair sé bás (de) cheal a choda féin: d'easbaidh: gan é do bheith aige .i. biadh riachtanach dá bheatha. Do mhothóchadh duine carthanamhail do cheal: má bheadh easbaidh ort is dóighchighe go gcabharfadh a lithéid de dhuine leat. Is fada buidhe ó imtheacht ar ceal tusa pé gearán atá ort: is fada ó bhás. D'imthigh a raibh aige ar ceal fadó riamh: d'imthigh sé as a mheabhair.

cealg: *b.2.* feall, mealladh, beartughadh chun uilc, urchóid, dealg (beiche). Mealladh chun an tighe é lé geallamhaint síothchána agus i lár fleidhe agus meidhire marbhuigheadh i gceilg é: go fealltamhail, trí bhriseadh muinghine a bhí aige asta: feall. Chuir an bheach cealg im shúil agus, is tinneasmhar í dá dheascaibh: ball beatha go mbarra géar i gcóir cosanta nó ionnsaidhthe. Deineadh cealg air ná fuair sé an seantáille, é san aois cheart agus é geallta dho: cuireadh amugha trí thréigean geallamhana is cirt. Rinne sé cealg uirthe gan í do phósadh tréis a gheallamhna dhi: éagcóir fhealltamhail. Ar theacht 'n-a láthair dhom d'aithnigheas nuair stadadar go hobann dá gcómhrádh go rabhadar i gceilg orm: ag beartughadh droichghnímh do dhéanamh orm. Dob fhada cealg im chroidhe aca, ag déanamh mo dhíobhála an uile thráth chaothamhail: gortughadh, buadhairt. B'shin é budh chúis lé me do chur i ngabhann i dtaobh cur i gcoinnibh an Chonnartha le Sasana, cá h-iongadh cealg im chroidhe (istigh agam) dóibh? drochaigne, droichmhéin, míchéadfadh. Éist anois a's ná téidhir rófhada nó cuirfir cealg orm léd bhéal cáinteach: fearg agus míchéadfadh. Mara mbeadh go bhfuil an cealg aice ní bheadh gach aon fhear ghá h-éileamh: an mealladh go bhfuil goin ann. Ná cuireadh aon dúthaigh í féin ar iontaoibh Shasana, níor fhág cealg riamh í nuair oirfeadh di: an feall: an réabadh muinghine, iontaoibhe, dílse. Scéidh duine den mbuidhin ar an gceilg a bhí beartuighthe aca chun beartha orm: an cogar a bhí cóirighthe aca chun mo mhaislighthe.

cealgach: *a.* géarghonta, dealgach; fealltamhail, glic, sionnachamhail, mí-iontaoibhe; neamhdhílis; caillteach. Cainnt chealgach do fuaireas uaidh go raibh gach aon fhocal ghom tharcuisniughadh d'aimhdheóin mo mhuinnteardhais leis: cainnt ghéar ghoirtightheach. Obair chealgach seadh teanga d'fhoghluim gan chabhair múinteóra, nó í do bheith lé clos dhá labhairt ag duine: obair dhian, chiapuightheach. Brathaim croidhe mo dheárnan cealgach, ní mór go bhféadaim baint leis gan é ghom ghortughadh: gonta mar bheadh nuair cuirfí rud caolbharrach tríd: tinn gan fulang aon teangbhála aige. Ná bí chómh cealgach san a's go n-eiteófá aonne ar rud ná déanfadh aon bhascadh duit féin: chómh daingean, neamhfhial san. Ní fhéadfadh an madra aon talamh do dhéanamh ar an ngráineóig, bhí sí róchealgach do: na deilgne géar ghá ghortughadh. D'fhaireas gach

cúinse cealgach dár thug sé d'iarraidh aon tagartha do n-a fhiachaibh do sheachaint a's budh ghlic, sleamhain iad: cleasa gur dheacair a sárughadh lé n-a gcaime.

cealgadh: *f.* (*-gtha*) do mhealladh, d'fhealladh, do chur amugha. Ná bídh ghom chealgadh chun airgid do chaitheamh ar chártaidhibh: ag tarang rudaidhe dom inntin chun me do shughadh chughaibh le n-a mbreághthacht. Ghod chealgadh atá sé an lá gheallann sé dhuit go dtabharfaidh sé uaireadóir agus púnt duit istigh i gclúdach ar deich scillinge: ghod chur amugha. Bíonn cealgadh mór in aoibhneas na mara – is minic gur conntabharthach dul uirthe dá chiúine a's dá bhreághthacht a deallramh. Níl aon bhaoghal ná gur mór an cealgadh atá id cheann cas, cé hé ná tuitfeadh i ngrádh leat: an mealladh dofhulaing.

cealgaidhe: *f.4.* cladhaire, fealltóir: camaire. Ní fhéadfadh sé scríobh, agus leig sé dho chompánach do scríobh chun a mhná dho agus airgead do chur chúiche mar shaoil sé, ach cad dhein an fear eile ach é do chur chun a mhná féin, nárbh é an cealgaidhe é: duine mealltach: a chuir amugha é ar an muinghin do cuireadh as. Chuireadh sé uisce sa bhainne do dhíoladh sé leis na bochtaibh, an cealgaidhe, agus bhaineadh sé oiread as a's dá mbudh bainne maith é: duine camchonbharsáideach. Sé an diall árdchealgaidhe na beatha so: an fealltóir, an té bhíos do shíor ag faireadh ar an saoghal mór do chur ar a míleas. Aon chonbharsáid a bheadh agam leis an bhfear san bhein aireach air, mar chealgaidhe a chúbláil chuige go minic cheana seadh é: duine cam: duine ná beadh sásta lé n-a chuid mhacánta féin gan canntáil ó dhaoinibh eile a raghadh i dtreis gnótha nó cúirim.

cealgaighe: *b.4.* míomhacántacht, feall; mealladh, mailís. Tá an chealgaighe de dhúthchas ann, níl aon leigheas aige ar bheith ag gadaidheacht: an chaime. Ní dheárna sé aon chealgaighe air a chuid féin do bhaint amach: ceal macántachta. Sé an scian tríd an gcroidhe leis aon rud do bheith ag aonne ach aige féin. Tá an oiread san cealgaighe ann: urchóid, caime, ceal deaghchroidhe agus deaghthola don bhfear thall.

cealgaim: *b.a.* cuirim cealg i, ciapaim, goinim. An gcealgóchadh sé thusa dá bhfeictheá leathtrom dhá dhéanamh ar leanbh? an gcuirfeadh sé ciapadh ort? Cealgóchaidh an croidhe anois aige, bead ag itheadh gan chuireadh thabhairt do agus é ag siollagar leis an ocras: ciapfad é: cuirfead éad air. Ní hé is mó chealg me d'fhágaint ar an mbóthar ach a mhinicighe thógas-sa iadsan a's gan aon chuimhneamh aca air: a ghoin me: a ghoill orm: a ghoirtigh me. Is í Éabha a chealg Ádamh chun peaca: a mheall lé bréagaoibhneas ar a aimhleas é. Fear gan mheas air féin aonne a chealgann cailín a's ná pósann í: í do chreapadh: do chur ó chrích. Ní chealgóchadh do chuid bladair mise, a bhuachaill, níor bh'fhearr dhuit 'ná stad ghem mholadh: ní chuirfeadh sé mise amugha chun mo mheasa ort d'atharughadh. Cealgann breághthacht Chinn Sraithe me: tairngeann sé chuige me agus tagann cion groidhe agam air lé n-a bhriocht.

cealgaire: *f.4.* fealltóir, mealltóir, duine calaoiseach, bobaire, bréagchráibhtheach; bladaire, plámásaidhe. A chealgaire gheallais go dtabharfá fiacha na mbróg dom a's tú do chur treasna an bhealaigh agus níor chóimhlíonais do gheallamhaint: a dhuine cham-ghníomhaigh. Chonnac é ag cur cártaidhe áirighthe chuige féin gur bhuaidh sé leó, an

cealgaire: an duine mealltach. Bhuadhfadh do chapall an rás mara mbeadh an cealgaire a bhí air ’sa thóg airgead chun a choimeádta ar gcúl: fealltóir, duine a mheall thú a bheith macánta a’s gan a bheith. Duine níos láighche ná é léd bhéal budh dheacair duit d’fhagháil ach laistiar díot, an cealgaire, seadh thabharfadh sé an cháinchaile ort: bladhaire breágh a’s fealltóir ceart. Scéidh sé, an cealgaire, ar sheisear dá chómhluadar leis an namhaid gur marbhuigheadh ’n-a scairt gan choinne aca iad: duine ná raibh dílis dá mhuinntir féin: braitheadóir. Focal dá n-abrair, a chealgaire, ní mheadhann tú do chóimhlíonadh a fhiminigh: a dhuine gur ar do theangain atá do gheallamhaint agus nách id chroidhe.

cealgaireacht: *b.3.* fealltóireacht, feall, bréagchráibheacht, bobaireacht, gleáchas; meallaireacht, plámásaidheacht. Níor bheag an chealgaireacht do an chulaith gan mhaith san do chur ort ’n-a culaith mhaith: meallaireacht is plámásaidheacht ag bréag-mholadh. Cealgaireacht cheart dob eadh daoine nách ndeárna faic ar son a ndúthaighe d’fhagháil táille agus daoine a thug a saoghal dá fóghnamh do chur in aisce: camasghal agus beart neamhcheart. Le cealgaireacht do chuir Sasana an connradh orainn, ag bagairt cogaidh a’s ag geallamhaint na n-orc a’s na n-arc dá nglactaí léi: camastghal a’s gliocas. An chealgaireacht go bpósfadh sé í is leis gur mheall sé í anall ó Mhearaice: an dúmas go raibh fonn air bheith macánta, galánta a’s nár chruthuigh sé mar sin. Seirbheáladh chun na dlighe é mar gheall ar chealgaireacht tímcheall tómhas – ná raibh an mheádhachtaint chaighdeáin iontu: míonmhíomhacántas suarach ar rochtairidhibh. “Stad ded chuid cealgaireachta anois, a bhuachaill, ní lé plámás do gheobhair mo phóg-sa”: béal breágh bán an dúmais. Is mór í cealgaireacht milseán ar leanaidhibh, raghaidís in aon áit chuige: an sughadh, an mealladh a’s an chómhacht atá aca ortha.

cealgán: *f.1.* clipe (mar tá ar iasc, ar ghráineóig, etc.), aon rud caolbharrach, géar; dealg. Chuir an t-aisc na cealgáin tríom a’s me ghá réidhteach den ndubhán gur at an lámh a’s gur nimhigh sí: na clipe cruaidhe, caola mar snáthadaidhe atá aige chun a chosanta a’s chun ionnsaidhthe. Cealgán seadh an cheist do chuiris orm, ní dóigh liom go n-éireóchaidh liom a réidhteach: fadhb dheacair. Ná cuir a thuilleadh cealgán anois ionam, táir ag cainnt ródhian orm: ná tabhair tuilleadh péac fúm: ná habair rudaidhe a ghoileas orm, cuma ceart nó mícheart iad.

cealgán: *f.1.* caipín na glún. Chaitheadh sé cuid mhór den nDomhnach ar chealgán a dhá ghlún ar leacachaibh cruaidhe an tsáipéil ag paidreóireacht: cialluigheann so go raibh an aiste seo diachrach air.

cealgánta: *a.t.* cruaidh, bearach, deacair, docamhlach, dochaiseach. Rinneadar, an bheirt ghaiscidheach, iomrascáil chealgánta lé n-a chéile gur dheineadar talamh cruaidh den dtalamh bhog agus talamh bog den dtalamh chruaidh a’s gur thairngeadar toibreacha fíoruisce thríd an gcloich dhuibh: dian, duaibhseamhail, marbhthach, tnáidhte. Labhair go cealgánta leis ag cur do cháis in iúil, ná bíodh aon bhailbheacht ort: go dána, foirtil, misneamhail. Gaoth chruinn chrústuighthe chealgánta isteach i soc an bháid gurbh í dóthain aon fhuirinne í: gaoth gan aon lagadh ná bogadh uirthe. Budh mhór an obair dóibh siubhal ar na carraigeachaibh cealgánta chosnochtuighthe: carraigeacha go raibh spiaraidhe agus faobhar ortha. Sheasaimh sé lé lán páirce díobh go cealgánta ag

caitheamh leo nár leig eagla dóibh druideam leis le n-a mheisneach a's a fheabhas de shaighdiúir: daingean, foirtil.

cealgghoin: *b.3.* do shádhadh go fealltamhail nó go tinneasach, greadthach. Is í do deineadh do chealgghoin nuair léigh sí srangscéal ar bhás a fir: do ghonadh, do chealgadh go beó. Agus é ag troid le duine aca do chealgghoin duine eile aca sa drom é: do ghoin sé go fealltamhail é. Rinne sé cealgghoin orm ar phósadh fir eile dhi a's í geallta liom: do ghoill a feallbheart orm.

cealgghonadh: *f.* (*-nta*) do ghortughadh nó do ghonadh go doimhin nó go fealltamhail. Cealgghonadh orm fear d'fheicsint ag fagháil ruda agus mise dhá eiteach air a's é tuillte abhfad níos fearr agam: gortughadh mór ar m'aigne. Goilleamhaint mhór ar aonne duine leis d'fhagháil bháis, ach cealgghonadh dob eadh a chlann ar fad do sciobadh ag an mbás: greadadh trom a raghadh go beó agat.

cealgrún: *f.1.* cogarnacht, brathadóireacht, droichinntin, malluightheacht. Níor scar Sasanaigh fós lé cealgrún d'Éireannachaibh, aon amas gheobhaidís orainn luighfidís orainn: fonn ár ndíobhála do shíor 'n-a gcroidhe dúinn. Ní bheadh an oiread cealgrúin ag diall ó ifreann, agus bhí ag an té do ghreamuigh bráigheanna neamhthreóracha den dtalamh a's a shéid san aer lé pléascánaibh iad: aigne a's meón diallta. Ní malairt cealgrúin a chuaidh sé agus d'inns rud nár bhain lé n-a cúram chun díobhála a chómharsan: aigne ghránda mhalluighthe. Lé corp cealgrúin do thréig an Iodáil an Ghearmáin agus réab a margadh, a geallamhaintidhe a's a coingheallacha in am a cruadhtain agus luigh leis na Cómhachtaibh Cómhair: feall budh dheacair do shárughadh. Cealgrún t'ainm! ná tugadh aonne iontaoibh leat mar ní tugtha é.

cealgrúnach: *a.* olcinntineach, fealltamhail, mailíseach, droichiontaoibheach. Níor airigheas focal maith riamh agat d'aonne, a dhailtín chealgrúnaigh: pastaire gurb é a aigne do shíor bheith ag mianadh mioscais a's drochaoide do chách. D'iompuigh sé ar thaobh an Stáit agus thug fínéacht i gcoinnibh a bhuidhne d'fhonn é féin do shaoradh – nár chealgrúnach an bheart í: meathtach, fealltamhail. Duine daibhceach ná labhrann lé neach ach go suainseánach, cúlchainnteach, cealgrúnach 'n-a uile smaoineamh: mailíseach, drochaigeanta. B'é an t-aon duine sa domhan é gurbh eól do gur mé mhairbh an namhaid a's nár chealgrúnach é gur scéidh sé orm: olcaigeanta.

ceallamhanach: *b.2.* roilig nách n-adhlacthar ann ach leanbhaidhe gan baisteadh.

ceallargan: *b.2.* Dia-mhasladh, naomhaithis, an choir a leanas seilbh do thógaint duit féin nó áis shaoghalta do dhéanamh d'aon rud a bhíos tugtha do chreideamh, d'eaglais etc. Fir gan aon screatal creidimh a dhein a lithéid de cheallargain agus an chailís d'fhuadach ón altóir agus do leigheadh chun ruda éigin eile do dhéanamh di. "Ceallargain seadh é", ars an páipéar, "cómharacha go mbíonn úir na marbh ionta do thógaint as uaigh agus do scaipeadh ar fuaid na roilige": naomhaithis, beart a ghoineas duine rómhór lé neamhonóir do luath an duine. An bhféadfí cuimhneamh ar cheallargain budh mheasa 'ná eachlainn do dhéanamh des na tighthibh eaglaise mar dhein Cromaill: aithis budh mhó do thabhairt dóibh.

cealltar: *f.1.* aghaidh an duine, cuma an duine, folach. D'aithneóchadh aonne ar a chealltar gur mhac dá athair é, an tsrón chrom chéadna a's na leicne árda: deallramh na haghtha. Bhíodh cealltar draoidheachta air nuair budh mhaith leis, a thugadh malairt crota air a's chuireadh as aithne na ndaoine é: folach nó clúdach draoidheachta. D'fhéachas go cruinn isteach 'n-a chealltar ach má seadh chuaigh díom é d'aithneamhaint ar shamhlughadh aonne ar m'aitheantas: 'n-a aghaidh. Dá fhaid siar iad a shinnsear do bhí cealltar an Éireannaigh air: airdheanna aghtha an Éireannaigh. Thugais cealltar mhuinntir Dhonnchadha leat: a ndeallramh: na cómharthaidhe fé leith a dhealuigh ó gach aicme eile iad.

ceallúir: *b.5.* roilig; talamh coiscrigthe; bathlach tighe. Go síntear i gceallúir me cuimhneóchad ar gach maith dá ndeárnais dom: go n-adhlacthar me. Ní mhairfinn sa cheallúir thighe sin ar a bhfeaca riamh: sa tigh fhuar, neamhsheascair sin.

ceamlach: *f.1.* duine tuaithe, tuatach, tuathalánach. Deineadh cácar den gceamlach bhocht sa chúirt gan tuigsint focail aige ar an dteangain a bhí ghá dhaoradh: daoi: duine bocht gan eolas. Breithnigh rómhat, a cheamlaigh, a's ná bí ag satailt ar na daoinibh: duine tuathalach ná gluaiseann i gceart. Ceamlach mná ná féadfadh biadh ná beatha do chóiriughadh dá céile fir: bean neamhchliste gan eolas tighe. Ceamlaigh ó chom na gcnoc gan conbharsáid aca le daoinibh ná siubhal na ndaoine ortha: daoine gan fios a mbeart aca de dheascaibh gan baint do bheith aca lé cuideachtain na ndaoine. Déin rud éigin agus ná bí it sheasamh annsan id cheamlach gan chor as láimh nó as chois leat: duine gan anam gan fuinneamh. Ceamlach capaill, madra, etc.: mór, garbh gan mhaitheas.

cean: *f.3.* grádh, leanamhnacht, caitheamh le. Mo chean thu, is taithneamhach an imirt atá déanta agat: mo mhórmheas thu. Mo chean an té a thugas rud dom: is é an duine is méine liom. Mo leanbh mo chean: is é mo leanbh is ionmhúine. "Mo chean d'altrom an óirbheirt": mo ghrádh a's mo mheas don té a rinne an bheart iongtach so orm. Tréis a cheana go léir ar a thír, ag troid lé cloidheamh di, ag tabhairt an uile lá dhá shaoghal ar a son gan pingin dá bharr aige, fuair sé bás i dtigh na mbocht: grádh mór.

ceana: *a.* grádhmhar. Thugais Liaimín mar ainm cheana air, an eadh? ainm pheata; ainm trí chion air. Bhíodh madra ceana aige ná fágadh an chos de ló ná d'oidhche aige: madra go raibh cion aige air. B'é Séamas mo leanbh ceana ar an líon tighe go léir: an té budh mhó go raibh cion agam air: peata leinbh.

ceanamhail: *a.* grádhach, cineálta, caoin, miochair, modhamhail, séimh, aireach, coigilteach. Nách ceanamhail atá sé air féin ná cuirfeadh sé aon duadh air féin chun a bheatha do thuilleamh: aireach ar a chorp ar eagla duaidh nó lé leisceamhlacht. Dá mbein chómh ceanamhail ar airgead agus tá an té a chuireas 'on bhannc é ní bheadh a cheal indiugh orm: fonn agus dúil é do bheith agam. Is ceanamhail atá sé ar an gcasóig ná tabharfadh sé a hiasacht ar feadh lae dhom: coigilteach; anchoimeádach. Bhíodh a cuid airgid i dtaisce i sparán fé n-a muineál aice ach dá cheanamhla bhí sí air, chaill sí é: dá airighe. Shaoileas ná beadh aon tuiteam amach choidhche eatartha san, go rabhadar chómh ceanamhail ar a chéile agus bheadh bó ar choca féir: an oiread báidhe aca lé

chéile. Ní chuirfinn a mhalairt fé thuairm an duine sin ná gur fear ceanamhail é – gheibhim lághach, muinnteardha, fiafruightheach, séimh é, agus aigne mhaith aige dho gach aonne. Ní deacair in ao'chor dhuit dul chun aitheantais air, is é atá gan tóirtéis ná neamhchomharsanacht, gheobhair 'n-a dhuine ceanamhail é: grádhmhar; solabhartha, deaghaigeanta, é ann muinghin agus muinnteardhas do spriogadh ionat. Daoine ceanamhla seadh muinntir na hÉireann: daoine gur furaiste a gcoidreamh do chur agus iad lághach 'n-a mbéasaibh. Má bhír ceanamhail liom bead ceanamhail leat: tabhair déanamh cóir dom agus tabharfad an céadna dhuit. An iongadh go raibh sochraid mhór aige agus gach aonne ceanamhail air: grádh agus leagadh aigne na ndaoine leis. Chuir sé go ceanamhail chugham sar ar iarr sé an rud a bhí uaidh orm: labhair sé go tláth, ceannsa liom. Ní faic caillte duit bheith ceanamhail leis gach aonne: séimh id ráidhtibh agus id ghníomharthaibh. Dá mbeitheá gan bheith chómh ceanamhail ar do chnámhaibh bheadh rud éigin tréis do shaoghail agat: coimeádach; leisceamhail. "Is ceanamhail an rud an t-anam", ars an fear nár bh'fhonn leis é féin do chur i gconntabhairt: milis, maith lé congabháil. Cé hé is ceanamhla air féin 'ná tu? ní chuirfeá cor de chois ná de láimh ach ar do shon féin: is coimeádaighe. Mara mbeadh an chóir cheanamhail do fuair sé ní thiocfadh sé chuige féin choidhche: cneasda, caoimheamhail, ceannsa.

ceanamhlacht: *b.3.* ceannsacht, cion, meas mór, báidheamhlacht, miochaireacht. Is deacair buadhachtaint ar cheanamhlacht na máthar dá leanbh, dá mhéid a bheadh a lochta mhaithfeadh sí iad: báidheamhlacht neamhchoitcheann ar an méid drochchainnte fuair sé thiocfadh fearg air mara mbeadh ceanamhlacht an duine: fadfhulang trí cheannsacht dhual do. Mara mbeadh ceanamhlacht na gcómharsan is fada buidhe go mbruicfí le n-a drochbheartaibh: ceannsacht easbaidh díoghaltais. Trí cheanamhlacht a mhná dho leig sí dho dá mhéid póitireachta do rinne sé: mianach soronna: réidhtightheacht caoine. Duine mórchroidheach, fial, fáilteach, ceanamhlacht aige dos gach aonne: meón cneasda: aigne mhaith gan urchóid. Deineadh teachta dála dhe go bog; lé ceanamhlacht na ndaoine thugadar an dúthaigh guth do: lé mórmheas thuillte na ndaoine.

ceanas: *f.1.* grádh, báidh, léighe. D'imthigh an ceanas nuair d'imthigh an mhaitheas: nuair ná raibh ann bheith áiseamhail nó tairbheach thréig an léighe nó an bháidh a bhí leis. Thuill sé agus fuair sé ceanas na gcómharsan mar is iomdha maith do rinne sé ortha: grádh na gcómharsan. Nách dóigh leat ná go raibh ceanas don té nár heitigheadh riamh ar aon rud a's go mbítí ag tafant cabhartha air: meas agus báidh. Cad is breághtha do dhuine 'ná ceanas na ndaoine, a sheasóchadh leat le linn gádhtair: meas, báidh agus fonn maitheasa do dhéanamh.

ceanasach: *a.* grádhmhar, báidheamhail, múirneach, mórmheastamhail. Ghoill a bhás ar an gceanntar mar budh dhuine ceanasach é, aithne agus meas ag gach aonne: taithneamhach leis na daoinibh. Is iomdha duine a bhuail umam, béasamhail, galánta, deigh-iomchair, ach níor bhuail neach liom budh cheanasaighe 'ná é: aonne budh mhó bheadh agat 'ná é, ná é tuillte aige. Creid me leis, nár bh'é an fear budh cheanasaighe a fuair an bheart ach an té budh mhó léighe ag an lucht ceannais: an duine budh mhó ag na daoinibh. Daoine ceanasacha gur dheacair bualadh isteach chun dreama dob fhearr: daoine grádhmhara. Cuireadh litir cheanasach chuige, ghá chur in iúil do gur mhór é ár meas air agus ag tarang ár gcabhartha dho: leitir ghrádhmhar ag cur ár mbáidhe in iúil. A

bhean cheanasach, is ionmhaine liom thu ’ná neach, ná rud ar an saoghal: a bhean go bhfuil searc agam duit.

ceangailte: *a.r.* táithte, cuibhrighthe, snadhmtha, sáidhte, doscaoilte, gabhtha, pósta, fé chomaoin. Tá sé ceangailte ar gach Caitliocaidhe dréir dlighe na hEaglaise (hEagailse) aifreann d’éisteacht gach Domhnach a’s Lá Saoire fógartha: bíonn sé ortha mar rud nách féidir dul uaidh gan cionntughadh ’n-a haghaidh. Bíonn sé ceangailte ar chaptaen luinge riar do choimeád ar bórd: mar choingheall ar ghlacadh nó fhagháil an ionaid do. Tuigeadh dom go raibh ceangailte orm dréir cirt maitheas do dhéanamh ar mhac an fhir a dhein maith orm: gurbh é mo dhualgas é. Thárla sé ceangailte lé mnaoi mhaith agus b’fholláin do é, mar ná raibh ann ach fuairthé: pósta. Is beag é mo luadar anois, táim ceangailte den mbóthar: trom, aindeis, mall im chéim. Fuairtheas ceangailte le téid é do ráil na heaglaise gan ann corruighe: gabhtha. Coiréal go raibh gach cloch chómh ceangailte sin gur caitheadh é do phléascadh lé púdar: greamuighthe dá chéile nó sa talamh. “Clocha ceangailte a’s madraidhe scaoilte”, ars an fear siubhal an mhaidean tseaca ná féadfadh sé na clocha do bhaint den dtalamh lé caitheamh leis na madraidhibh a bhí ar a thóir. Chuaidh an doradha ceangailte ’n-a chéile agus ní fhéadfainn aon iascach do dhéanamh leis: in achrann. Bíonn na tighthe ceangailte ann lé fiadhantas na háite a’s na haimsire thagann ann: bíonn téada curtha treasna na gceann greamuighthe sa fallaidhibh nó ar chlochaibh móra chun ceann na dtighthe do chosc ar fuadach. Táir ceangailte léd shaoghal anois: pósta, sé sin ná fuil cead do chos agat mar bheadh agus dá mbeitheá aontumha. Ní fhéadfadh sé dhá chéad púnt do sholáthar ar an dtoirt, mar bhí a chuid airgid ceangailte: curtha in adhmanas, mar bheadh sé gabhtha i ngnóthaidhibh. Chaitheadar an bhliadhain ceangailte sa tigh sar ar chríochnuigheadar é: gabhtha ann, ag gabháil de gan aon obair eile ach é, mall leis. Bítear ceangailte i gcomhnaidhe as: bíonn daoine éigin ag gabháil de, ag cur isteach air ag argóint leis nó ag iarraidh rud éigin do dhéanamh dóibh. Cé tá ceangailte anois as mo leanbh bán? ag cur isteach air. Caithfead mo mhargadh do mhaireachtaint leó mar táim ceangailte síos aca: dréir dlighe tá greim aca orm. An madra malluighthe sin agat bíonn sé ceangailte ar dhuine éigin do shíor: i ndiaidh, ag breith air. Bíonn na gárlaigh ceangailte ar an mnaoi bhoicht ó mhaidean go hoidhche: ní thugaid aon tsos di ach ag rith n-a diaidh a’s ag lorg so súd uirthe, ghá crádh a’s ghá clipeadh. D’aontuigheadar bheith ceangailte le chéile an dá chomplacht mianadóireachta: i gcómhar, ag obair lé chéile, beartha, caillte leis. Chuaidh tairnge ceangailte im chois ón dtalamh a’ dhein sí braon: sáidhte isteach innte a’s gur dheacair a tharng. Chuaidh a bhréithre ceangailte orm: chuadar ’n-a luighe orm.

ceangailteach: *a.* comaoineach, cuibhrightheach, nascach, doscaoilteach. Rud ceangailteach seadh bioth: coimeádann sé rudaidhe go gcuirtear ortha é táithte lé chéile. Mairtéal ceangailteach do cuirtí i dtógbhálaibh fadó: mairtéal do choimeádadh na clocha dlúth lé n-a chéile go daingean. Tabhair dhom rud éigin ceangailteach a choimeádfaidh an cupa briste seo lé n-a chéile: leantach: dlúth: táitheach. Is mór gur ceangailtighe ar dhuine go mbíonn a fhios aige go mbíonn easbaidh ar a chomharsain ’ná an té ná bíonn, cóngamh do thabhairt: gurb é a dhualgas é dréir cirt is córa. Connus dhéanfadh sé coisidheacht leis na brógaibh troma ceangailteacha san air: mar bheidís ag greamughadh den mbóthar nó den gcasán. Bíonn sé ceangailteach ar dhuine a dheineas díobháil dá chóimhleacaidhe cúiteamh do dhéanamh leis: is é a dhualgas é: éiligheann ceart agus

comhthrom air san do dhéanamh. Bíonn daingean an phósta an-cheangailteach ar dhaoinibh sa tír seo, ní furaiste dhóibh scaramhaint ó chéile: dlúth, doscaoilte, seasamhach ag dlighe na talmhan a's na heaglaise.

ceangal: *f.1.* do tháthughadh, dhlúthughadh, nascadh, chuibhreach, d'fheistiughadh; daingean; snaidhm, dlúththeacht lé chéile, laighncide, urchall; conbharsáid, coidreamh: pósadh, cómhgas; margadh: páirteachas. Nách cuma dho mar gheall orm-sa, cá bhfuil ár gceangal: ár ngaol. Tuitfidh an roth san den ngluaisteán gan ceangal níos fearr 'ná atá uirthe: rud éigin mar biorán agastair. Ní raghadh sé in áit ar bith gan cead a mhná, tá a lithéid sin de cheangal aice fé: cuibhreach: ceal saoirse: smacht. Bain an ceangal den mbeartán agus oscail é: an feistiughadh atá ghá choimeád le chéile go baileach. Cuibhreach do tugtí ar an gceangail do cuirtear ar arbhar: an fáisceán. Is furaiste aithint ar an gcainnt a thagas ó lucht Stáit Shasana agus na Frainnce go bhfuil ceangal discréideach eatartha: daingean nó margadh go raghadh ceann aca chun cabhartha an chinn eile in am a héigin. Chuireamair ceangal ar a chéile gach aon rud do bheith leathach eadrainn: rinneamair margadh agus chuadhamair fé dá chéile. Ní raibh aon cheangal air gan éirghe as an arm aon uair budh mhian: buannacht é do choimeád ann in aghaidh a thola. Chuireadar ceangal lae agus lán-bhliadhna ar a gcurachán, cuir i gcás ná beidís uaithe ach aon uair an chluig amháin: feistiughadh: í do nascadh leis an dtalamh le hancaire nó lé rud ar bith eile do choimeádfadh slán folláin ar an gcor san í. Ar an gceangal a bhí ar chlúdach na leitreach níor bh'fhéidir í d'oscailt gan a aithneamhaint: an tslighe nó an chuma go raibh sé gabhtha lé chéile ag táthas. Threascair Oscar an fathach agus chuir ceangal na gcúig gcaol air: dhá chaol na lorgan (idir an t-alt agus an colpa) dá righe na lámh agus an muineál: ceangal nó cuibhreach dian, dóighte, doscaoilte. Má tá fonn imtheachta ort, níl aon cheangal ort: níl aonne d'iarraidh tú do chongbháil: tá cead do chos agat. Fear gan aon cheangal sa tsaoghal air ní hiongadh dho airgead do bheith aige: gan muirearacht ná dualgas air aon nidh do thabhairt d'aonne. "Caithfear an duine sin do cheangal", deirtear i dtaobh duine a dtagann spreanganna air, nó go mbíonn cosamhlacht báinidhe air. Ní hiallacha ach córdaidhe nó an rud is túisce chuige bhíonn ag ceangal a bhróg air: ag coimeád a n-uachtar lé chéile i slighe go bhfanfaidís ar a chosaibh. Fuinneóg ró-dhocht dob eadh í, bhíodh sí ag ceangal nuair bheidhfeá d'iarraidh í do dhúnadh nó d'oscailt: ag greamughadh i rud éigin; ní ritheadh sí scaoilteach. Sin clocha ná fuil ag ceangal: ná fuil greim ceart, dlúth ortha. Talamh anshalach seadh tón puill ann, bíonn mo dhubhán ag ceangal: ag breith greama i gcloich nó i bhfeamnaigh etc. Ná bíodh an leisce ag ceangal díot agus déin rud éigin: ag greamughadh ionat, ag dul 'n-a luighe ionat le taithighe do dhéanamh de. Dá mbein gan aon cheangal raghainn cinnte ag féachaint ar an gcluiche: gan cúram nó gnóth éigin nó cosc. Beimíd lá éigin i gceangal Rómha le chéile: pósta lé chéile. Chuir sé de cheangal air féin díol as an dtigh leis an mbanc an lá chuaidh sé in uradhas air: ghreamuigh sé é féin dréir dlighe. Is ródheacair císte do dhéanamh de mhin bhuidhe mar ná fuil aon cheangal innte ach ag imtheacht ó chéile: é do bheith de mhianach ann luighe go dlúth ar a chéile. Tá dearmhad ort má's dóigh leat gur ceangal eadrainn cleamhnas: nidh a choingeóbhadh le chéile sinn i gcaradas nó i gcómhar. "Ceangal ort ann!" deirtear lé duine a fhanas rófhada in áit agus deabhadh leis teacht, nó bheadh rórighin ar aon toisc. "Raghad 'on Daingean, agus fanfad ann" – "téidhir agus ceangal ort ann!": go bhfanair. "An bhfuil an fear san ag teacht ('n-ár ndiaidh)?" – "níl" – "ceangal air!": lé déistin gur cuma leis an gcainnteóir é do theacht nó

gan. “Éire gan cheangal”: Éire saor. Sin ceangal maith sa ghort san: (aillbhreith): arbhar maith; barra maith arbhair agus é saothruighthe. Ar dheireadh dán bhíodh ceangal ag na filidhibh: cur leis nó aguisín nó iarscríbhinn do threisiughadh nó do mholadh an méid a bhíodh ceaptha roimis siar. Duine rófhial a chaitheas a chuid airgid go rabairneach gan cheangal air: coimeád. Ceangal bó, capaill etc. Ceangal dubháin, bróige, etc. Bíodh ceangal ar do bhéal agat agus ní scéidhfir ort féin: cuir srian leat féin: ná bí chómh cainnteach, mainíseach. Aonne bhíonn deich agus dachad ambaiste bíonn ceangal na mbliadhan air: achrann: cuireann an t-aos in iúil é féin. Bean cheangail, lucht ceangail: bean, daoine a bhíos ag cur fásctha ar arbhar thréis a bhainte. Thagadh bliadhanta chómh breágh san go mbídís idir bhuanaidhthe agus lucht ceangail ar an t-aonshraith. Cuir ceangal féd theangain: ná bíodh an oiread san cainnte agat. Scaoil an ceangal ded theangain: labhair: pé rún atá agat abair é. Níl aon cheangal idir an dá abhainn go dtagaid cois farraige: cómhrac: teacht in aon tsruth.

ceangaltán: *f.1.* beartán, oscallán, ceirtlín, cuachán, malthach, ultrach. Ní fheadar cad bhí aige ach bhí rud éigin san gceangaltán toirtheamhail a bhí ’n-a bhaclainn: rudaidhe caite lé chéile agus fáisceán ortha mar bheadh páipéar a’s córda. Ní fhéadfadh an post a raibh de cheangaltánaibh aige lá Nodlag d’iomchar: an méid beart. Ceangaltán beag é seo, buail fed oscaill é: allat, rud nó rudaidhe fillte i bhfáisceán ionnus gur féidir iad d’iomchar níos fusa nó go bhfanfaidís i bhfóireamh a chéile go sroichfeadh a dtriall.

ceangaltas: *f.1.* cómhnasc, greamughadh, feistiughadh. Muna gcuirir ceangaltas fáiscighthe ar an mbeartán san tuitfidh sé as a chéile: slighe nó cuma ceangail nó coimeádta lé chéile. Dá mbeidhtí gan an oiread so ceangaltais do chur ar an ndoras, boltaidhe, glais, tairngidhe, b’fhuraiste dul isteach: daingniughadh. Ceangaltas gur deacair briseadh thríd seadh caradas fiche bliadhan: uaim, dlúthchoingbheacht. Chuaidh ceangaltas éigin ar éill mo bhróige ná féadfainn í d’oscailt: greimuightheacht, cruadhtan greama, luighe docht lé chéile. Ceangaltas an bháirnigh den gcloich: chaithfeá an sleagán do bhriseadh sar ar féidir é do scaramhaint léi mara mbainfeadh an chéad iarracht é: dlúthas fíordhaingean. Chaill sé ceangaltas an tséidtheáin a’s níorbh fhéidir aon ghaoth do chur sa roth: an blúire a bhíos idir an séidteán agus chómhla an chaoláin gaoithe. “Ní fhéadfainn an chloch ceangaltais sin do mhínughadh”, ars an tlachteólaidhe: cloch (mhór) go raibh mórán saghas mionchloch greamuighthe lé chéile innte. God é an ceangaltas a bhíos i mB’l’Áth Cliath ort ná caithfeadh seal fén dtuaith tráth éigin den mbliadhain: greim.

ceangalthóir: *f.3.* greamuightheóir, feistightheóir. Ní rómhaith an ceangalthóir an bharracht san féach mar tá sí ag imtheacht ’n-a blúiridheachaibh: rud a choimeádfadh ’n-a chéile. Níl sí chómh scléipeach a’s bhí sí sar ar phós sí tá ceangalthóir maith uirthe: coimeádann í bheith pósta í gan bheith chómh rúiseach. An-cheangalthóir arbhair dob eadh í, cad é méid beart ist ló chuibhrigheadh sí? cuibhrightheóir, duine a chuireadh fáisceán ar phunainn. Snáithín lag é sin, drochcheangalthóir dubháin seadh é: rud chun an dubháin is an doradha do bhreith lé n-a chéile agus do chongbháil in ionad go fáiscighthe. Do ghlac Sasana a’s an Fhrainnc ortha féin bheith mar cheangalthóiridhibh ar an ndúthaigh sin tréis an chogaidh mhóir: cosantóiridhe.

ceanglach: *a.* greamuightheach, feistightheach, dualgasach. Tá cómhacht cheanglach éigin sa choireál san ar dhaingne tá sé le taighde: mianach éigin doscaoilte a choimeádas dlúth é. Bí aireach ag déanamh do mhargaidh duit agus ná bí rócheanglach ort féin maidir lé t'ainm do chur lé rud éigin ná tuigir go soiléir nó ná féadfá d'fhuascailt: róghreamuightheach: ródhian ort féin ghod chur féin fé dhualgas ná féadfá, b'fhéidir, do chóimhlíonadh. Taos plúir, rud ceanglach seadh é, fanann sé 'n-a screabh ar aon rud go mbíonn sé air: do bheith ag leanamhaint do. Mo dhícheall do dhéanamh, ní fhéadfainn é do chrothadh asam, is é fear is ceanglaighe dár buaileadh liom: ghom leanamhaint lé súil ruda do bheith dhá bhárr aige. Cuma cá dtabharfainn m'aghaidh, in amharclann, i dtigh tábhairne, i dtigh earraidhe, in aon áit bheadh an bleachtaire ceanglach céadna ar mo shálaibh: dianleanamhnach. Mara mbeadh a cheanglaighe bhíonn an bacach san asam, ag síorlorg, do bheadh breis dem bhárr aige: im threó go rómhinic a's ghom chiapadh lé hiarratas. Deirtear gur ceanglaighe barracht de chionn mionrabh do leathadh uirthe: gur fearr a leanann sí dá chéile, níos dlúite. Cuideachta ragairneamhail, cheanglach ná scarfadh do dhícheall leo, gleódhgháil éigin ar siubhal aca ghod shughadh 'n-a measc: rud éigin ag baint leó ghod tharng chúcha.

ceanglachán: *f.1.* fáisceán, allait nó meall. Tréis a báis fuairtheas dhá chéad púnt idir bhillidhibh a's airgead bhán a's ruadh 'n-a cheanglachán istigh i dtocht: allait casta ar a chéile. Bhíodar ag obair go déaghair láidir ar an gcúil-cheanglachán a bhí in oifig an phuist: beartáin. Fuairtheas báidhte i gceanglachán na líon é: casta ionta.

ceanglaim: *b.a. 7 n-a.* fáiscim, cuibhrighim, daingnighim, cómhnascaim, cuirim lé chéile, as a chéile; claoidhim lé; sádhaim in; pósaim, luighim fé, móidighim. Ceanglóchad me féin ar feadh na coda eile dem bheatha, tógfad bean orm: pósfad. Ceangail díom i gcoinnibh na faille ar eagla go sleamhnófá: beir greim orm. Ceanglóchaidh an tigh san 'n-a chéile leis an aimsir: dlúthóchaidh na clocha a's an mairtéal. Ceangail do chuid gruaige, tá sí ar silleadh leat: bailigh chun a chéile í go cruinn baileach. Ceangail téad an bháid den gcaladh: beir greim na téide ann. Cheangluigheamair an doras go maith sara ndeaghamair a chodladh ar eagla ainmhidhthe fiadhaine: chuireamair daingniughadh air: cuirfeam sa tslighe é a's gur deacair, más féidir, gabháil thríd. Ceangail do chuid ainmhidhthe a's ná bídís ag teacht i bhfoghail orm: cuir cuibhreach nó cosc ortha ó bheith ag teacht ar mo chuid. Cheanglas ceann dhá téide dá chéile go raibh faid mo dhóthain agam: thugas lé chéile lé snadhm do chur ortha nó a cuir d'fhigheadh ar a chéile. Is fadó do cheangail an duine sin leis an ndiall: luigh sé leis: thug sé srian dá thoil i ndéanamh droichbheart. Bíonn an toradh ceangailte de bharr na géige: ag fás ar etc. Cheangail an salachar isteach 'n-a chroiceann cheal a nighte: chuaidh sé greamuighthe ann i slighe gur dheacair a ghlanadh amach. Ceanglóchaidh an fear san isteach ionat ar an bhfuadar atá fé má leigir dho: raghaidh sé id bheatha cam nó díreach ar son a mhaitheasa féin i dtreó a's nách féidir a ruagadh. Ceangail cos an bhúird, tá sí ar bogadh: feistigh í: daingnigh í: cuir fé i dtreó a's go n-iomcharóchaidh sí a cion den mbórd. Áit éadoimhin dob eadh é agus cheangluigheadh longa go minic ar an scairbh: bhuaileadh a dtón ar an dtalamh thíos agus ní fhéadaidís gluaiseacht. Ceanglóchaimid dá chéile an chuid eile dár saoghal, beam leath beartha, caillte lé n-a chéile: claoidhfeam lé chéile: luighfeam lé chéile i gcómhar a's in aontadh. Baint ná gnóth ní bheadh agam leis dá gceangluigheadh sé é féin míle uair fé mhionnaibh móra dhom: dá ndearbhuigheadh sé. Ní cheanglóchadh sé é féin síos d'aon

bhannc ach gabháil lé n-a fhocal nó éirghe as mar mhargadh: ní chuirfeadh sé cuing dhleaghthach air féin go mbeadh sé freathálach ar dhualgas éigin. Árduigh do lámh anois agus ceangail tú féin i láthair Dé go mbeir dílis dúinn: beir do bhriathar agus Dia mar fhíné agat. Luigh do mhéar ar an gceiridhe agus ceanglóchaidh sí ded mhuineál: luighfidh leis an gcroiceann agus fanfaidh luighte. Ceangail ar (air)! fáisc mar téad, séirsín, cábla, nó córda tréis a thairngthe ar ualach féir, beart, long, beartán etc. Ní cheanglódh mo ghatha sa bhradán agus d'imthigh sé: ní raghadh sé i ngreim ann. Ceanglóchaidh an díomhaointeas id chnámhaibh nuair ná fuil faic lé déanamh agat: raghaidh sé isteach iontu agus leanfaidh dóibh. Na bróga agus an t-éadach a bhíodh air cheangluighidís den dtalamh é lé n-a n-aindeise: shiubhaluigheadh sé go trom, míothapaidh leó toisc a meádhachthana. Ceangail thu féin a's ná gaibh amach ameasc na ndaoine a's do chuid éadaigh ar silleadh leat: feistigh thú féin: cuir i gceart.

ceann-: *i gcomhfhocalaibh* tosach, príomh-, árd, uas-. Ceann-urra: b'é Brian ceann-urra na sluagh i gCluain Tairbh: árdthaoiseach. Bead-sa mar cheann-urra oraibh, a bhuachaillidhe, lá an chomórtais: mise bheidh mar threóraidhe oraibh. Sé Deibh ceann-urra na hÉireann: an cathrach is aoirde, is tábhachtaighe agus is mó gur dual do urraim agus meas. Briseadh ceannfhiacla an dóirneálaidhe sa spairn dheireannaigh: na fiacla tosaigh. An ceannlíon: baineadh stadhadh as an dtéid chinnlín nuair mhogluigh an chráin dhubh ionta: an líon budh ghiorra dhon mbád.

ceann: *f.1.*$_7$ *3.* an ball san den ainmhidhe mar a mbíonn an teadhall, agus den nduine go mbíonn an smaoineamh a's na céadfaidhe: - san duine an chuid is uachtaraighe den gcléith (cliath an duine), agus i ndúlaibh eile an chuid is aoirde nó is sia amach: barr nó mullach aon ruda, go mórmhór más mó é 'ná an chuid eile nó an chuid is tábhachtaighe: ceann crainn: ceann tairnge, ceann bioráin, ceann casúra: an chuid is sia amach (chun tosaigh) mar long bád: ceann tuagha: a dheighleas ón gcuid eile é: beireann an duine tuagh leis chun crainn a theascadh agus sleamhnuigheann an ceann as an gcois: an chuid a ghearras: an roinn den leabaidh go luigheann ceann an duine air: an áit go meastar gurb é an túis, an bun, nó an ball mar a dtagann breis nó méid as, mar ceann an tsrutha: ceann na bágha: adhbhar chun aduighthe air: duine go mbítear fé n-a réir nó fé n-a smacht: duine a riaras nó a stiúras: taoiseach: treóraidhe: an té, an duine nó an rud is aoirde nó is tábhachtaighe: ionad ughdaráis, riartha, curtha nó onóra: duine maidir lé leithlighe, láthair nó fiadhnaise: ainmhidhe ar n-a thógaint in a aonar nó i gcnuasach: an inchinn, ionad na hinntine: an tuigsint: an inntin: smaoineamh, machtnamh: an rud a éirgheas ar barr uisce, bainne nó leanna etc. mar cubharán, sobal: an barr a thagas ar chneadh: críochnughadh: deó, críoch: duabhais: aoirde láin: an bun nó an t-uachtar a bhíos i mbarraile nó i soitheach: ceann gruaige: ascnamh: íde, coinneamh, iondrabháil: aon rud nó ainmhidhe, nó iasc nó éan nó dúil amháin den gcineál nó den ngné gcéadna: an clúdach féin a bhíos anáirde ar thigh, nó an saghas clúdaigh: righe, riar, réimeas: tabhairt fé ndeara, aire, suim, tuath, meas, aire meastamhail, síthbhialtacht; crothnaoid: sians, sonnrughadh. Bhíodh scéal aige cois teine dhúinn go mbíodh colan gan cheann ann agus b'ait linn, leanbhaidhe, connus san agus go mbíodh beó: an méid den gcorp ón muineál suas. Bain an ceann den bpunainn leis an gcorán: an chuid di go bhfuil an gráine innte. Bhaineas an ceann den scéal dóibh chómh luath agus fuaireas cead cainnte gan seórthaidhe gan boghaisínidhe: scaoileas chúcha é go beacht, tric, i slighe a's ná raibh aon amhras ná gur tuigeadh é.

B’fhuraiste leó an ceann do bhaint de phúnt mar b’iad dob fhéile: teacht i dtosach púint chun a chaithte: níor leasc leo é do chaitheamh. Stad, a’s ná bí it amadáinín d’iarraidh cinn do dhéanamh díot féin, gan focal agat dhá leigeant as bhéal aonne eile: tú féin d’árdach nó do chur in ionad ceannais nó caoraidheacht na ndaoine do chasadh ort féin. Bheadh rudaidhe ag rith i gceann dhuine gan iad do thabhairt chun a chuimhnte i gceart: in a inchinn. D’éirigh an scolaidheacht sa cheann aige a’s b’éigean é do chur i dtigh na ngealt: chorruigh an iomad suaithte é ó bheith ag foghluim an inchinn aige. Faid agus bhí sé thar lear bhíodh Éire sa cheann aige: in a smaointibh. Chuaidh an bhean ’n-a cheann a’s ní fhéadfadh sé í do chaitheamh as: bhíodh sí i dtosach is i ndeireadh a smaointe: ní bhíodh de chainnt aige ach í. Ar dhul den ndigh sa cheann agam chailleas aithne mo bheart: bhuaidh an deoch ar an inchinn: chuadhas ar meisce. Ní déarfadh aonne ná go bhfuil rud éigin sa cheann agat ar na geámaidhibh atá fút agus na bóithre: ag cuimhneamh go mór ar rud éigin do dhéanamh: ag taidhreamh ar nidh éigin atá ag corruighe t’aigne. Bíodh sé sa cheann agat, ná déin dearmhad air: bí ag síorchuimhneamh air. Cuir as do cheann gur tugadh tarcuisne dhuit ’sis sásta bheir: stad de mhachtnamh air. Bheidhfeá tuirseach ód cheann do bheith fút ag scríobh: bheith cromtha. Ní dheárna sé ach a cheann do chur fé nuair thug an breitheamh breith bháis air: cromadh gan smiog as. Duine neamhchainnteach go mbíonn a cheann fé nuair bhuailfeadh sé leat: duine dorcha neamhchoidreamhamhail. Ná bíodh do cheann fút agat: ná bí támáilte, náireach, cúthail. Tagann ceann ar an arbhar nuair bhíonn sé ag eascar: craobh go mbíonn an gráine innte. Sheasuigheas-sa deoch ó chiainibh téigheann ceann ort-sa anois: is é do dhualgas, dréir nósa an ólacháin, tusa do ghairm dighe eile ar t’uain. Thuit an ceann as an soitheach a’s d’imthigh an oíle ar fuaid na luinge: an chuid de go raibh a dhúnadh agus a oscailt air. Chaith oifigighe Shasana an oidhche fhada ar fad ghá cheistiughadh cá raibh an scairt ges na hÓglaigh, ach dá mbainidís an ceann de ní scéidhfeadh sé: d’fhan sé daingean dochorruighthe ’n-a rún dá mhéid péinne chuirfidís air: ní ghéillfeadh sé truagh ná tréan. Tóg do cheann, a dhuine, cad é an úirísleacht so ort: bí mórdhálach asat féin. Tógaint mhór chinn do bhochtaibh seadh seól sothógbhála na dtighthe: cabhair iongtach, cóngamh a thugas breis mhór acfuinne dhóibh. “Ní bheir déidheanach?” – “bead annso ar a sé a chlog ar an gceann is sia dhe”: ar a dhéidheanaighe. Dar fiadh, tá anbheartaidheacht déanta agat, tá an ceann sroichte agat: an triall: an áit gur theastuigh uait dul ann: críoch, deireadh turais, etc. Éist liom ar an gcuma neamhthaithightheach a bhfuilir ag teacht chuige (rud do réidhteach, do mhíniughadh, do scaoileadh, do dhéanamh ’n-a cheart) ní éireóchaidh leat, tair ’n-a cheann chuige: tosnuigh ar an gcuma cheart agus ins an áit cheart. Tháinig sé i gceann a choda airgid agus budh gheairrid an mhoill ag imtheacht é: chrom sé ar é do chaitheamh go nósaimideach. Tair i gceann do choda bídh, a leinbh, agus ith i gceart: crom ar itheadh go béasamhail, nósmhar. Cad bhíodh ach ár dhá gceann i dtalamh ag Sasana go dtí gur héirigheadh go ceart ’n-a coinnibh: cromtha mar bheadh daoir ag obair do thíoránach. Ó mhaidean bíonn mo dhá cheann i dtalamh: obair ar lán an bhata: ar dalladh oibre. Costas mór seadh tigh i dhá gceann na bliadhna: ó thúis go deireadh. An chéad lá do bhuail lucht peile Chontae Chabháin agus Chiarraighe le chéile i bPáirc an Chrócaigh bhí an báire comhthrom eatartha, ach aon chúilín amháin ag déanamh ar dheireadh na himeartha, bhí an buaidh i dhá gceann na meádha: i gcosair chró: níor bh’fhios cad é taobh go mbeadh an lá aca. Anbhreoidhte dom ar feadh na hoidhche gan aithne gan úrlabhra, an dochtúir deimhnightheach go raibh mo bheatha i dhá gceann na meádha: nár bh’fhios an mairfinn nó an éagfainn. Ná coingaibh ar feadh

an lae sin ag éisteacht leat, cuir ceann ar an scéal dúinn: críochnuigh é. Sin é an ceann tuathail den snáithín agat: an ceann mícheart. Sa doircheadas is é an ceann tuathail den eochair a bhí dhá chur sa pholl aige: an ceann ná raibh ceart. Cuirfead rud éigin i gcinnfhearainn an ghuirt seachas iad d'fhágaint bán: blúiridhe i dhá gceann guirt (mar bheadh faid na gcapall chun iompuighthe a's ná hiompuightear leis an gcéachda). Ceann adhmaid do chuirfear ar an dtigh sin: clúdach adhmaid ar na fallaidhibh: díon adhmaid. Ceann tuighe budh ghnáthaighe ar thighthibh fadó, ceann slinne anois. Ceann seisce: ceann d'fhéar gharbh. Chonnac éan ar cheann an tighe agus fear ge ceann an tighe: fear ag binn an tighe agus éan ar an ndíon. Ní cheannóchadh bean an tighe faic ón mangaire toisc ná raibh ceann an tighe istigh: fear an tighe: riarthóir. Ní ó indé tá sise n-a ceann ar an dtigh: is fada an lá ó thosnuigh ar smacht agus rith an tighe do bheith 'n-a láimh aice. Ní haon mhaith bheith ag dul chun cinn leis; dá dtaisbeáinteá dho míle uair é bheith mícheart ní gheilleadh sé. Ná bí ag caitheamh cainnte a's aimsire leis: ag congbháil áitimh leis. Ná téidhir chun cinn choidhche le gliogaire: ná bí ag congbháil áitimh leis: seachain achrann leis mar ní iontaoibh é. "Bí id cheann mhaith dhom inghin", ars an tseanbhean lé n-a cliamhain: bí cineálta, ceannsa léi: tabhair déanamh galánta dhi: bí id chómhairleóir mhaith aice. "An té a thugas droichcheann don éadach tugann an t-éadach droichcheann do" (seanfhocal): an té ná tugann aire cheart oireamhnach dá chuid éadaigh is gearr go dtagann cuma sprionnlaithe, chaithte air agus taidhbhsigheann an duine féin neamhshlachtmhar, neamhamhairc. Toisc gur duine tuairmeamhail ag na daoinibh é déinid ceann cómhairle dhe: nuair bhíonn rudaidhe tábhachtacha, stuamdha i dtreis cuirid fé n-a bhrághaid iad chun a bharamhla agus a mheas d'fhagháil. "Anois go bhfuilimíd bailighthe i gceann a chéile chun an ghnótha so do chiarláil agus nách mór dúinn fear ceannais éigin do bheith againn chun riartha agus oirir toghaimís ceann cómhairle": cathaoirleach, uachtarán: duine a chongóbhachas an cruinniughadh in oirear fhuaimeantamhail. Shuidh ceann an tighe ar cheann cláir i rith na fleidhe: fear an tighe ar an áit budh thábhachtaighe den mbórd: an áit go raibh an uile dhuine láithreach ag brath a's ag súil lé riar an uile ruda dá raibh ar siubhal do ghluaiseacht uaidh: i gceannas. Leigeann Sasana uirthe bheith 'n-a ceannréidhtigh ameasc tíortha an domhain, ag socrughadh a gcuid achrainn eatartha: treóraidhe síothchána: dúthaigh gur mian léi bheith toilteanach easaontas tíortha eile do cheartughadh. Níor chuiris riamh ceann an chaca (den sceal, den gcúrsa) rómhat ach tagairt do dhéanamh leis do chlainn thoghartha a's gur duine toghartha é féin: an rud budh mheasa duit do rádh leis agus tu ag súil lé maitheas éigin. Éirigh as an obair sin a's ná bím ag féachaint ort, nách breágh gurb é ceann an chaca de gach gnóth do chuirir rómhat: tú do theacht san gceann mícheart. Cloisim go bhfuil t'athair anbhreóidhte ar fad, go gcuiridh Dia i gceann na maitheasa dho: le deónughadh Dé go dtosnuighidh maitheas nó feabhas do bheith ag teacht air. Má tá aon ghnóth lé déanamh agat téidhir 'n-a chionn agus ná bac mise ná mo ghnóth féin: téidhir 'n-a bhun, 'n-a fheighil, ag gabháil de. Aonne bheadh i gcionn a chuid oibre go tráthamhail ní dhallfadh sí amach in ao'chor é: ag gabháil di a's ag tabhairt aire dhi. Le linn imtheachta dhóibh chuireadar a gcuid aistrighthe i gceann a chéile: i dteannta a chéile go baileach, cúramach, cóirighthe. Do ghaibh sé trí gach mío-ádh a bhí 'n-a chionn go neamhghearánach: a bhí i ndan do. Buaileadh le buille bhata me agus thuiteas i gceann mo chos: san áit díreach 'n-a rabhas im sheasamh. Seo púnt duit agus cuir 'n-a cheann go mbí fiacha culaith éadaigh agat: cuir leis: aduigh air: cuir a thuilleadh leis. Bhíodar 'n-ár gcionn ar feadh uaire an chluig ag stad na traenach: ag feitheamh linn. Cuir duine éigin ar

a cheann go tapaidh nó imtheóchaidh sé amugha: ag triall air: ’n-a dhiaidh. Thána Dé Luain agus d’fhanas aca go ceann seachtmhaine: ar feadh seachtmhaine: go teach an Luain airís. Fad cheann-sa do fuaireas an biadh so, mar bhí a fhios agam go raibh ocras ort: ar do shon-sa, mar gheall ortsa. Goirtigheadh imireóir, b’éigean do cúladh agus chuaidh imireóir eile thar a cheann: in a ionad. Fansa ag baile, a’s raghad-sa thar do cheann: it ionad. Ná déin aonnidh go deó thar cheann aonne gan a chead: ’n-a áit. Ní raibh an earra chómh daor a’s shaoileas, mar sin ráinig dhá scilling agam thar cheann a dteastuigh uaim: an méid sin breise do bheith agam. Do ghlacfadh sí me thar cheann aon fhir eile mar chéile: roim aon fhear eile mar rogha. Thar cheann go ndeárnas mo dhícheall dóibh ní raibh aon bhuidheachas aca orm: d’aimhdheóin: gidh gur etc. Tá neamh os ár gcionn a’s an talamh fé n-ár mbun: anairde uainn. De chionn gur tu a iarras an chomaoin orm ní eiteóchad thu: toisc, de bhárr, mar gheall ar etc. Fé chionn dheireadh na seachtmhaine beidh an ré lán: um an dtaca go mbeidh deireadh na seachtmhaine againn. Ó cheann ceann na bliadhna bír ag cnáimhseán: ón dtosach go deireadh. Trí chionn an cheana a bhí agam ar t’athair dhéanfainn aon nidh dhuitse: as ucht, i dtaobh. I gcionn áirighthe mhór aimsire a’s gan aon choinne aige go raibh sé beo d’fhill sé: ar deireadh, ar chaitheamh. A luaithe a’s chualaidh sé go raibh an cath ar siubhal ghluais sé ceann ar aghaidh fé dhéin troda: go díreach, gan mhoill, gan suim do chur in aon rud do chuirfeadh seachrán air. “Chun cinn!” d’éigh an t-oifigeach ar a chuid fear ’sa chloidheamh tairngthe: ar aghaidh! Fuaireas sa chan chéadna é ’n-ar fhágas é bliadhain ó shoin, bocht, dealbh, gan aon dul chun cinn air: feabhas: ascnamh. Ó n-a chlódh tugtar ceann cait ar an éan mucha: éan gur aithint é ar a cheann mór, súile móra bolgacha sáidhte chun cinn, fáinne de chleitidhibh míne, fánacha, bog, crom, láidir, crúcaidhe cama agus clúmh mín. Bíonn éisteacht anghéar aca. Cothuighid iad féin ar éanlaithibh, ar ainmhidhibh beaga ceathairchosacha agus fiú amháin iasc dréir a thoirte. Gidh gur éan oidhche é tá cinéil aca ann gur féidir leó eiteall a’s feicsint go soiléir ist ló. Tá an ceann cait lé fagháil go fóirleathanadamhail ar phríomhleathaibh na cruinne. Ceann cruaidh: iasc beag, deilgneach, ag caolughadh ó n-a thosach siar do, lé fagháil i gcladaidhibh ar thráigh: daoi (aillbhreith). Nách tú an ceann cruaidh agam ná tuigeann cad tá ar siubhal agam: ceann gur deacair aonnidh do chur isteach ann. Ceann cipín, máiléid, tuairgín. A bhfuil de mhúinteóiridhibh in Oileán na hÉireann ní chuirfidís léighean ná foghluim ’n-a cheann cipín sin: ceann adhmaid, ceann dúr, ceann gan inchinn. Léan id cheann máiléid, mar an b’é sin imirt duit do thabhairt ar chártaidhibh: ceann gan chiall. Ó, a chroidhe, níl anáirde air ach ceann an tuairgín: ceann go mbeadh sé chómh furaiste rud do chur ’n-a luighe air a’s bheadh ar cheann adhmaid! Ná bímis ag maoidheamh go fóill níl ceann spric sroichte fós againn: an áit a bhí uainn: ár dtriall: deireadh agus deó an chúrsa: críoch an aistir. D’aithneóchadh aonne gur leann dubh maith é sin a’s an ceann a thagas air nuair scaoiltear amach é: an barr nó an t-uachtar cubharánach. Sin cneadh ar do láimh go bhfuil othar dhá dhéanamh aice, féach an ceann atá ag teacht uirthe: méadughadh, breis amach ón gcosamhlacht. “Bíonn dhá cheann ar an iasc” (seanfhocal): carbhall a cloistear nuair is deallramhtach go mbíonn áidhbhéis ar siubhal. “Ní fheadair aonne ach a raibh d’iasc lé seachtmhain sa Chuas” (Cuas an Bhodaigh) – “bíonn dhá cheann ar an iasc”: ní raibh oiread a’s tá ráite. Budh dhóigh leat ar an bhfairghis bhí aige orm a’s an leanamhaint súl go raibh dhá cheann orm: gur shuaitheantas me. Dob é Tomás Ó Donnchadha ceann an Daingin lé n-a ré: an té budh thábhachtaighe. Níor bh’fhada chongaibh muinntir Shasana an Ceann Corónach deireannach a bhí aca: an té go raibh an choróin air. Bheith ghá

fhiafraighe dhe san, é féin 'sa cheann praisce: ceann gan aon inchinn. Níor dheacair é do ghortughadh aige, a cheann leitean: ceann bog gan aon mheabhraidheacht ann. Ceann práis ná cuirfeadh a dtiocfaidh 'sa dtáinig meabhair ann: ceann gan aon tsoghlacthacht ann. Gleódh ar fad seadh an duine bocht, é féin 'sa cheann glogair: ceann gan fuaimeant. Ceann liath (go raibh) ort ná héisteóchadh agus gan bheith ag cur duaidh ort féin le cómhairle thabhairt dóibh a's gan tor aca ort: sean go rabhair i dtaobh do dhuaidh. Dá mbein i gcéad teangbháil is mór do thuitfeadh an ceann trom nuair bheadh gach aonne eile gan rian ortha: is me bheadh thíos leis. Ag díol as an mbéile dhen gceathrar aca is ar an té budh mhó airgead do luigh an ceann trom: is é a dhíol an chuid budh mhó. Ins an bhfínéacht cuireadh an ceann trom ar dhuine des na coirptheachaibh seachas an chuid eile, mar dearbhuigheadh gurb é a bheartuigh an choir: milleánuigheadh é breis. "Is deacair meabhair do chur i gceann gan éifeacht" (seanfhocal): ceann gan inchinn. "Cé chídhfinn indiugh ach seanMháire Ruiséal, gléasta, inealltha budh dhóigh leat gur tí pósta bheadh sí" – "ceann oireóige ar sheanchirc": an aois d'iarraidh bheith óg airís (oireóg = sicín). Ós a chómhair amach do bhí gach aon tsaghas bídh a loirgeóchadh do shúil agus é ag luighe leis, b'é an ceann maith dá bholg é: cumasóir: duine go raibh ar a chur déanamh mar budh mhian leis do thabhairt uaidh. Bí id cheann mhaith dhuit féin: ná fág fé neach eile nách tú féin aire do thabhairt duit, nó súil do bheith aige i ndiaidh do mhaitheasa nó do bhaile. D'ith sé idir cheann a's chosaibh an coinín: é ar fad. Is fada fairsing ó cheann ceann na dúthaighe do caoineadh an Peáirnéalach: tríd an gcrích ar fad. Dubhart leis go mbein ag lorg guth ó cheann ceann an pharóiste: i ngach ball de. Chonnac an fear ceart go leór ach níor thógas aon cheann de go bhféadfainn a rádh lé deimhin cad é an saghas éadaigh a bhí air: níor chuireas an oiread san áirde ann: níor dhearcas chómh cruinn sin air. Iongadh dob eadh an tslighe éirigheadar na leanbhaidhe mar is ortha bhí na droichcheanna d'athair a's de mháthair: na daoine gurbh é a ndualgas iad d'oileamhaint. Chómhairigh sé amach trí chéad spréidhe dá inghin 'n-a gceann a's n-a gceann: gach púnt aca ann féin, nó leis féin. Sin dosaon leabhar, tóg cheithre cinn aca: cheithre leabhartha. Bheadh cheithre cinn de bhuaibh, trí cinn de chapaillibh, agus seacht gcinn de chaoiribh uaim ar an aonach: trí capaill, cheithre ba, seacht gcaoirigh. Tóg an breac so mar tá maith ann, caith na cinn eile 'on abhainn: na bric eile atá láithreach. "Ar ceannuigheadh mórán bithidheach ar an aonach?" – "ceannaidheacha": ádhbhar idir eatartha. Tréis mo lándhíchill do dhéanamh agus cleas ar m'eólas d'imirt air chun a chlaoidhte fuair sé an ceann is fearr orm: an fear maith: an buaidh. I rith na hoidhche ar fad ní raibh ag gabháil chugham ach breachchartaidhe agus fuaireas an ceann budh mheasa den imirt: chuaidh an imirt im choinnibh: buadhadh orm. "Go mbeiridh an diall leis tu agam!" – "sin é do cheann-sa de gach scéal – an ghráin": do chuidse: a mhalairt ní thiocfadh as do bhéal-sa. Má tá an talamh go maith agus cuid mhór ar a dtoil aca, tair sa cheann so dhe, go bhfuil cíos a's íoc mór ortha: breithnigh an taobh so den gcúrsa. Ná bíodh a thuilleadh seo-sea-sin agaibh, cuiridh ceann ar an margadh: críochnuighidh é. Is geairrid bhíonn rud ag imtheacht nuair tagtar 'n-a cheann nuair tosnuightear ar bheith ag tógaint as a's gan aon rud dhá chur 'n-a ionad. Tair 'n-a cheann anois, a's caith leat é: ná coigil do: ná spáráil é: caith go rabairneach. Ní h-ionann dhá cheann an mhaide, ceann aca caol agus ceann aca reamhar: dhá chríoch, dhá dheireadh, an dá bhall is sia ón lár, rinn aca beag-thimchill a's rinn aca breis-thimchill. D'fhan sé go ceann an tráthnóna, ní raibh aon deabhadh: deireadh déidheanach. Leig don bhfear ceann do chur ar a scéal, a's ná bí ag teacht treasna air: é do chríochnughadh. B'é buachaill an chinn bháin ge n-a muinntir é,

d'fhágadar a gcuid ar fad aige: an peata: an té dob ionmhaine. An lá bhítheas chun muinntir Bhaile an Fhirtéaraigh do chur amach sé rud adubhairt an ceann feadhna a bhí ar na feirmeóiridhibh 'a mhná agus a fhéara, luighidh lé n-bhur bpícidhibh': an fear treóra a bhí ortha. B'é an t-aon cheann chinidh chualamair riamh annso ar mhuinntir Chriomthain, Séafraidh: taoiseach treabhachas na gCriomhthanach. "Guidhim Dia agus an Mhaighdean ghlórmhar", ars an bacach, "tú do bhreith saor ó gach conntabhairt atá id chionn": go bhfuil ort gabháil tríd. "Cad atá ar cheann cártaidhe?" – "muileat": an mádh. Bhíodh an dream céadna san go maith dhom nuair thugainn cuaird ortha, fé n-a chionn san. Bead go maith dóibh nuair gheóbhaid chugham: ar an adhbhar san: mar gheall air sin. Bíonn gaoth tar cionn againn annso ameasc na gcnoc, a glór 'n-ár gcluais do shíor: an iomad gaoithe. Rug Séamas ar an liathróid a's í gabháil tharais, agus, thar a cheann san, bhéarfainnse féin uirthe gan aon duadh: seachas Séamas: gan bacamhaint do. Sé fáth gur tógadh thar mo cheann é léidh bheith leis a's ní lé n-a fheabhas d'fhear: rómham: gur tugadh tosach do orm. Pé uair a dhoirteann duine rud – bainne, uisce, deoch mhearbhaill etc. – gan choinne leis, nó go mbriseann sé árus búird, deireann duine éigin bheadh ag féachaint air, "thar cheann do shláinte é": in ionad do shláinte, nó ar son do shláinte. Seanphiseóg seadh é ar a lithéid de thoisc gur ó dhuine éigin ar an dtaobh thall (ar an saoghal lé teacht) do theastuigh sé agus gan aon aithreachas do bheith ort 'n-a thaobh. Ag gabháil taobh an chnuic aniar choimeádas an chú os mo chionn: níos uachtaraighe. "Comhairightear an cluiche anois" – "táid sinn os ár gcionn, imridhidh ortha": is aoirde iad. Bhí sé de bhrabúch agam go rabhas os a chionn ar bhórd na himeartha: in ionad go n-imrinn 'n-a dhiaidh. Ní bhfuairtheas aon locht cuirp air chun é do thógaint san arm ach é do bheith os chionn aoise: thar an spriocaois. Cuma cad bhíonn nó ná bíonn ag aonne, bíonn an fear úd os cionn i gcómhnaidhe: ar barr, chun cinn, níos fearr 'ná an chuid eile ar fad. Ní furaiste rogha do bhaint as fhearaibh maithe thar cheann a chéile: duine d'fhagháil tosaigh de bhárr a fheabhasa seachas cách. Chuir sé ceann fé an domhain air gur theip sé ar an dtogadh agus a mhuinghine bhí sé go n-éireóchadh leis: beagmheas: náiridheacht. Thug sé ceann síos do ameasc a dhaoine féin gur imthigh sé uatha thar lear aimsir na buannaidheachta: míochlú, míocháil, mímheas. Ná bíodh aon cheann síos agat ort féin toisc tú briseadh as t'ionad, ní tú an chéad duine riamh thárlaidh: mímheas. "Droichghéag seadh é" – "ní bheadh aon imreas ar an mbaile mara mbeadh é" – "ghoidfheadh sé an diall 'sa mháthair dá bhfaigheadh sé an chao" – "is 'n-a ropaire atá sé riamh" - "éistigh oile, ná bíodh gach aon tsádhadh chun ceann an cholamóra agaibh": chun an té atá ar bhur dtoil agaibh: pé rud a déanfí mícheart is é bheadh cionntach nó lochtach. D'fhear bheag ná raibh deallramhtach chun gaisce, budh dhiaill é agus ceann cuinge do choimeád ameasc fear tréan: a chion do dhéanamh chómh maith le cách. "Connus tá ag Éirinn anois?" – "tá sí ag coimeád ceann cuinge leó (leis na tíorthaibh eile)": níl aon tír aca gur féidir leo do mhaoidheamh gur fearr í 'ná Éire. I ngach áiteamh a's argóint, coimeádann ár dteachta-ne ceann cuinge leis an gcuid is fearr aca: criathruigheann sé cúrsaidhe na cómhdhála chómh fuaimeantamhail, éifeachtamhail le duine ar bith eile. Mo cheann ar ceap! go nglacfaidh an sagart an t-airgead: cuirfead mo cheann mar gheall leis. Chuirfeadh sé a cheann ar ceap ná taobhóchadh Cathal Brugha leis an gConnradh agus níor chás do san: bheadh sé sásta leis an gceann do theascadh dhe dá gcailleadh a muinghin air: ag braithstint lándeimhnightheach. Ag roinnt na n-ubhall duit, ceann don leanbh: aon ubhall amháin. Ná bíodh milleán agat ar aonne ach ort féin, nár dhíbir as an mbuidhin é, mar b'é ceanntsiocair an uile bhuadhartha thárlaidh ameasc na bhfear é, ag

spriogadh fútha, ghá mholadh so a's ghá cháineadh súd: túis, bun adhbhar, an t-árdchealgaire. Bíodh ár muinghin as Dhia, sé ceann na maitheasa é: is uaidh do ghluaiseann gach maith. B'é Deibh ceannródaidhe na ndaoine nuair cuireadh an mhóid dílse ar neamhnídh: treóraidhe: an té a bhí i gceannas. Léim ceannródaidhe na saighdiúiridhe thar chlaidhe fé scath, lean an sluagh a eisiompláir. "An rugabhair ar aon iasc" – "oiread agus a cheann": iasc amháin níor ghabhamair. Cad é an ceann atá agaibh ormsa seachas aonne eile chun bheith ag lorg orm ó ló go ló ná tásdálfadh sibh duine éigin eile: áird: éileamh: bac gan cheart gan chóir. Na chúig púint a bhí aige orm chaithfeadh sé a bhfagháil i gceanntsláine nó do sheirbheálfadh sé me: in iomshláin: ar fad. Abair amach as an gceanntsláine leis an mhaitheas do dhéanamh duit nó tu d'eiteach: ceist lom do chur air a's freagra deimhnightheach d'fhagháil. Ní bhfuaireas mo chuid airgid sa cheanntsláine, chúig phúint a bhí agam air, ní bhfuaireas ach a ceathair: an méid ar fad, san iomlán. "Cad é luach na dtighthe nuadh san?" – "míle púnt an ceann": púnt ar an gceann aca: ar gach aon tigh aonair aca. "Dia os mo chionn! gurb é an fhírinne atá dhá rádh agam libh": bheirim Dia mar fhíné etc. "Dia ós ár gcionn!" deirtear so le hiongadh. Nuair clositear droichscéal deirtear, "Dia os ár gcionn": go gcosnuighidh Dia sinn. Iompuigh na háraistidhe tón (tóin) os cionn: a mbéal fútha. Nuair bhuail mo chos i gcoinnibh turtóige ag rith lé fánaidh dom tógadh tóin (tón) thar cionn me a's síneadh go breágh, galánta me ar m'fhaid a's ar mo leithead: tógadh anáirde mo thón agus mo cheann síos chun talmhan a's me do threascairt. Duine é nách maith leis aonne os a chionn a's mar sin ní oibreóchadh d'aonne eile: ag saoistidheacht air: ag congbháil smachta air. Bhíodh an lámh os cionn aice air agus ní raibh cao aige ar ghabháil trí n-a chuid: maoirseacht: faire: lámh staontha. Ní scarfadh sé lámh os cionn do bheith aige sa tigh faid agus bheadh an phuth ann: órdughadh iomlán. I gcionn mhise bheith láithreach níor mhaith leis faic do rádh a ghoillfeadh orm: toisc: mar gheall air. I gcionn nár labhrais leis nuair labhair sé leat ná labharfadh sé leat nuair labhrais leis: i dtaobh nár, etc., sé cúis, fáth, é nár etc. Dá mbeidhfeá pósta léi bheidhfeá ar cheann aice agus budh bheag é do mhaoidheamh as cad dhéanfá léi: fé dhiansmacht: gach aon ghníomh leat ar a cur. Níl aon cheann ag aonne orm fé láthair ach mo chuid oibre do dhéanamh: buannacht ag aonne a thoil d'imirt orm: iachall do chur orm so nó súd do dhéanamh. Tháinig leathcheann air le haois a's ní fhéadfadh sé é féin do dhíriughadh anáirde: leagadh chun talmhan ar thaobh seachas an taobh eile. Scéidhfidh an t-ualach féir sin, féach an leathcheann atá air: taobh de níos truime 'ná an taobh eile: é as a shuidheamh cheart. Ní bhfuaireas aon tuairisc uirthe ón lá d'fhág sí caladhphort, tá deallramh gur b'amhlaidh iompuigh sí mar bhí leathcheann ar an mbórd béil uirthe: bhí an taobh (cliathán) san di luighte anuas leis an uisce. Chuireadar leathcheann ortha féin ag éisteacht leis an seanmóin: do chromadar cluas leó chun cinn i slighe go raibh an taobh san níos ísle go mbeadh breis chao aca ar chlos. Nuair thugas fé leis an mbata chuir sé leathcheann air féin gur sceinn an buille dhe: thairng sé a cheann 'sa chorp i leathtaoibh ón dtreó go raibh an buille ag teacht air. Nár fheicidh Dia aon leathcheann ort ná go mbainidh dhíot mar is tú an fear deaghmhaitheach: gábhadh: ceal: mío-ádh: buadhairt: fulang: crádh: corabhuais: ciapadh: iomard saoghalta, incheann nó cuirp, ceasnaidhe. "Nára chuiridh Dia aon leathcheann ar na cómharsanaibh", deirtear so lé linn buidheachais do thabhairt ar son maitheasa éigin a bhíos déanta díreach. Cuireadh go tigh na ngealt é; is mairg go mbíonn an leathcheann air: corruighe incheann. "Cad tá anois ort?" – "tá dathacha" – "ní fheaca riamh thu ach leathcheann éigin ort": iomard, pian nó tinneas, aicíd nó galar. Ní fheicfinn-se aon

leathcheann ort-sa: dá mbeadh aon cheal nó gábhadh ort thabharfainn-se fuascailt ort. “Is diaill an fonn farraige atá air, ní choisceann aon tsaghas síne é” – “fágfaidh sí leathcheann lá éigin air”: is baoghalach go mbáidhfear é. “Cuirfidh an chaid leathcheann ort”: deirtear so lé duine a bhíos an-dhian i dtaobh caide, ná stadfaidh choidhche go ngoirteóchaidh duine éigin é tímcheall uirthe. Fág id dhiaidh mo hata, nó cuirfidh sé leathcheann ort: déanfar rud éigin leat ná taithneóchaidh leat mara bhfágair id dhiaidh é. Mara mbeadh leathcheann bheith ar an bhfear san ní bheadh sé ag siubhal aimlidhthe mar sin: iomard, gortughadh nó bascadh. Ag roinnt an bhídh do orainn níor fhág sé aon leathcheann orainn: thug sé a dhóthain do gach aonne. “Deineann an leathcheann deifir”: deirtear so nuair dhéineann duine rud le ceal ná déanfadh sé go coitcheann, mar bollóg aráin do thógbháil le linn ocrais. Níor fhágamair conntabhairt an tábhairne agus sinn ó leathcheann go leathcheann go rabhamair ar bogmheisce: leath na gloinne de bheatha uisce. Scaoil amach trí leathcheanna eile orainn: trí leathghloinnidhe. Is é an Dún Mór i gCiarraidhe an ceanntíre is sia siar in Éirinn: an rinn thalmhan: an gob. Mo ghradhain do cheann, is é an sop é: ceann gan fuaimeant. Táim as mo cheann ag an bhfocal san, ní thuigim in ao’chor é: ar mire: ní fios dom cad is ceart dom do dhéanamh nó cad atá dhá dhéanamh agam: gan éifeacht. Ní raghadh aonne ach duine as a cheann ar snámh i gcuilithe an gheimhridh: gan splannc chéille. Cuirfidh an iomad léightheóireachta as do cheann thu: bainfidh sé do chiall dhíot. Is iomdha rud a bhíos i gceann an duine: is mór an t-eólas a bhíos aige: is iomdha rud go gcuimhnigheann sé air nó a bhíos ag déanamh mearbhaill do. Chuir an sagart scilling sraithe an ceann ar gach tigh sa líomatáiste chun coirce dá chapall: ar gach tigh fé leith. Ceann ar cheann mhairbh an mada ruadh na cearca: i ndiaidh a chéile. Ní éisteóchadh aonne aca leis an té a bhí ag cainnt leó ná lé n-a chéile. Bhíodar ceann i gceann ar argóint: i gcoinnibh a chéile. “An ceann díot! mara bhfaghaim mo thuarasdal”, ars an buachaill leis an ndrochmháighistir: bainfear an ceann díot liom nó díolfair go daor as. An rud a théidheas sa cheann aige ní chuirfeadh Éire dhe é, mar duine ceanndáine seadh é: an rud do smaointear do bheith ceart. Ní raibh aon cheal ceanndáine ar an té a chuaidh isteach san atrainn ag troid lé tarbh fiadhain ón machaire: tréine misnigh agus díthmheas baoghail. Budh mhinic me ag fógairt air fanacht amach ón dteine, ach ní dhéanfadh an cheanndáine do é gan bheith ag dul ’n-a haice gur thuit isteach innte a’s gur dóghadh: do bheith stailceamhail: dúr, daingean, dochorruighthe ’n-a aigne: toileamhlacht. Ceann críortha a dhíolas cosa: an té a bhíos glan, galánta is furaiste dho gabháil ameasc na ndaoine agus rudaidhe d’eirghe leis ná heireóchadh lé duine neamhghasta. Ceanndáine d’fhág amuigh é: is mar gheall ar bheith ródhaingean i leanamhaint a thola féin gan spéis i mbaoghal ná i gconntabhairt. Oibrigh do cheann: cuir an inchinn ag obair: machtnuigh go maith sara ndéinir aon rud léd lámhaibh: suathaidh it inchinn an uile-shlighe is féidir an rud atá lé déanamh agat. Táimíd amugha go mór anois caithfeam dul go dtín ceann chun aon réidhtigh d’fhaghail: go túis nó bun na buadhartha nó an achrainn. Ní dhéanfadh ceann teornap lasán do chaitheamh i soitheach oíle: ceann gan tuigsint. Ná bí ag teacht treasna air, tabhair a cheann go deó don té ná héisteóchadh le cómhairle cheart: leig leis: bíodh a thoil aige. Dá mhéid bhí an marcach d’iarraidh an chapaill do choimeád siar chaith sé a cheann do thabhairt do: scaoileadh leis lé n-a thoil. Scaoil a cheann leis ná tair treasna air: ná coisc é: ná cuirtear aon curisteach air. Ní bheadh oiread réime fé mara mbeadh a cheann ’sa chosa (a thón) do bheith dhá scaoileadh leis: cead cinn a’s cos: gan toirmeasc ar aon rud dá ndéineann sé ná áit dá dtéidheann sé. “Ceann mór na céille bige”: ceann toirtheamhail nó ceann go dtagann

mórán cainnte as agus gan puinn céille. Do bhris ceann cruinn an chéachda a's thuit an soc: smut iarainn tairngthe chun cinn a théidheas isteach i log an tsuic. Nuair dheineann duine sraoth a's go mbeadh duine láithreach gur mhaith leat péac do thabhairt fé déarfá "Séamas (nó pé ainm é) thar do cheann": it ionad, más cómhartha drochthuara dar leat an tsraoth. Ní raibh neach ós chionn a bháis, cailleadh amuigh sa tseachtadh ar an sliabh é: aonne láithreach. Ná raibh neach ós chionn do bháis (eascuinghe).

ceannabhán: *f.1.* fás áirighthe féir go gcois gcaoil aoird a's dual bheith bog bán, mar cadás ar a bharr, n-a lár go mbíonn an síol. Ceannabhán móra: fásann sé i dtalamh sléibhe.

ceannabhuidhe: *a.* buidhe ar an gceann nó ar an gcealltar nó ar an bhfolt. Éan ceannabhuidhe seadh an bhuidheóg: a ceann buidhe. Ní fionn ná ruadh atá an aicme úd ach ceannabhuidhe: dath buidhe ar an bhfolt aca. Capall ceannabhuidhe: buidhe clár a éadáin anuas.

ceannach: *f.1.* iomlaoid ar airgead, margadh, trácht, díolaidheacht, fagháil ruda ar a luach d'airgead nó a chómh d'earra nó rud eile. Caoinfir do cheannach – an talamh san, bocht, daorchíosach: an rud atá fachta agus díolta agat as fógradh air fiche uair gan dul i ngiorracht don gcoreach, go raibh sí malluighthe, ach chuaidh, b'fhéidir go bhfuil ciall cheannaigh anois aige: ciall fachta trí taithighe agus cúiteamh innte. Ceannach maith seadh an teach san ar mhíle púnt: margadh maith: níor buaileadh bob ar an té dhíol an tsuim airgid sin as. Mar cheannach orm atá sé ag tafant cáirde orm: d'fhonn me do bheith ar a thaobh ar mhaithe leis féin. Tréis me ghá shaoradh aníos as bholg na farraige sé ceannach fuaireas uaidh gan féachaint siar ó shoin orm: duais, díolfiach, luach saothair, cúiteamh. Bhíodh ceannach mór ar iasc ón áit seo san Oileán Úr gur cuireadh cáin air: trácht, tógaint mhór a's luach maith. Fuair sé moladh maith, ach níor chlú gan cheannach é, dob í an fhírinne adubhradh mar gheall air: clú gan tuilleamh. Labharfad anois agus ní thabharfad aon chlú gan cheannach: ní thabharfad aon teist ná moladh air ná go bhfuil tuillte aige lé n-a ghníomharthaibh. Lucht ceannuighthe éisc, muc, beithidheach, capall etc.: dream tráchta, sé sin, a ghaibheas ar airgead nó ar luach comhthrom eile an chomrait ón té gur leis í agus chuireas ar mhargadh don gCoitchiantacht í. Droich-cheannach dob eadh an hata san, tá sé ag feódhadh 'n-a dhath tréis mí: níor bh'fhiú é an t-airgead do tugadh air. Sé díol na meala a's ceannach an mhilseáin agat é: ag cur cúraim ruda mhaith dhíot 'sag ceannach ruda suaraigh: ag iomlaoid earra ar son earra eile. Is é an saighdiúir bocht atá ag ceannach a bheatha, nách fios do cathain glaodhfar go cogadh na bpiléar air. Is me a bhí ag ceannach mo bheatha faid bhíos i Meirice, fliuch, fuar, salach ag obair ar shráideannaibh i ngach saghas síne ó Luan go chéile: ag tuilleamh mo shlighe go dian daor. "Cad fáth ná pósfá?" ars an sagart leis an bhfear – "faigh an bhean dom", ars an fear. Ní raibh ceannach na mionn ar an té a thug an freagra san: bhí a theanga ar a dheis féin aige: níor ghábhadh dh'aonne a innsint do cad budh chóir dho do rádh. Ag gabháil stealla dhá chéile bhídís, d'iarraidh brabúch d'fhagháil ar a chéile i ndeisbhéalaighe a's budh dheacair a rádh ceaca b'fhearr mar ná raibh ceannach na mionn ar aonne aca: níor cheal líomhthachta ná tapamhlachta freagartha a bhí ag teacht leó: bhíodar pras cómhgarach ar a chéile d'fhreagairt go gonta. Budh cheart don mbuachaill bheith buidheach choidhche dhíot, táir ghá cheannach go maith, ghá chongbháil ar scoil, ghá

chothughadh a's ag cur éadaigh air: ag caitheamh leis. Ceannach daor a's díol saor: sconnaireacht thráchtála: reachaireacht bhaoth. Ní raibh an Peáirnéalach lé ceannach ag Sasana: níorbh fhéidir leó a bhreabadh. Budh mhór an ceannach an cogadh mór ar cailleadh d'fhearaibh a's d'airgead leis: íobairt mhór dob eadh é.

ceannachogaint: (*-ntha*) *b.3.* tutbhalbhacht, dlúthchainnt chnáimhseáin: mion-chainnt le míchéadfa nó le hanumhlacht. Chuir sé ag ceannachogaint ar feadh seachtmhaine nuair chuir an t-oifigeach iachall air dul agus a bhróga do ghlanadh: ag cainnt leis féin mar gheall air go neamhshásta. Aon chúram dá luighead a iarrfá air do dhéanamh muna bhfaigheadh sé díolaidheacht ann bheadh ceannachogaint aige: ag cainnt ós íseal ag cnáimhseán ar an ndroichcheann a bhí dhá fhagháil aige. Tháinig ceannachogaint an domhain ag seanduine an chúinne toisc ná fuair sé tobac ó bhean a mhic: míothaithneamh, monabar leis féin go cnáimhseánach.

ceannadhairt: *b.2.* taca don gceann, ar mbeith luighte. "Cúilín de chlúmh an ghabhair mar cheannadhairt aige": taca fé n-a cheann chun codlata. "Is fuar í do cheannadhairt": leis an té a báidhtear nó a bheadh curtha 'n-a chré.

ceannaghaidh: *b.* (*cionnatha*) cealltar, éagcosc, éadan, gnaoi, dreach. Bheadh muinghin agam as aonne go mbeadh cionnatha mhacánta mar atá air sin air: éadan, srón, súile, leicne etc. a thaithneóchadh leis an súil. D'aithneófá ar a chionnatha lasta go raibh sé tugtha don ól: deallramh tosaigh an chinn: líomadha tosaigh ar fad an chinn. Budh bhreágh an chionnatha mhná a bhí uirthe: ó fhaobhar an fhuilt anuas go smig agus ó chluais go cluais bheith dathamhail. Bhíodh na saighdiúiridhe gonta ag teacht isteach ó pháirc an bhuailte 'sa gcionnatha lán d'fhuil: an chuid tosaigh den gceann. Báidhteach bán as a chionnatha lé faid, agus méid a bhreóidhteachta. D'fhéachas go cruinn i leith na gcionnatha air mar saoileadh dom gur cheart dom é d'aithneamhaint: i dtreó ball tosaigh an chinn. Cionnatha shlachtmhar, lom, allmhuraigh. Ní haon Éireannach é déarfainn, níl a chionnatha air: de dheallramh ar a aghaidh. Tá cionnatha a athar 'sa mháthair anáirde air: deallramh cruinn. Las a chionnatha lé náire nuair rugadh ag goid air: tháinig luisne go cluasaibh ann: luisnigh sé. Is malluighthe an chionnatha a thagas air nuair bhíonn sé ar buile: tagann deallramh mímhín air.

ceannaidhe: *f.4.* ceannuightheóir, tráchtálaidhe, mangaire, duine a bhíos ag iomlaoid earraidhe ar airgead nó ar a mhalairt luacha. Bhailigh sé an t-airgead go léir a's é n-a cheannaidhe siopa: fear i mbun siopa, ag díol 'sag ceannach ann. "Ins an Daingean níor choigil an ceólghol gur ghlac eagla ceannaidhthe an chnósta etc.": daoine a bhíodh ag díol 'sag ceannach go cruinn leithleachais lé fonn a chruachta. Creid mise leis ná fuil i lucht ceannuighthe an éisc sa Daingean ach aithcheannuighthe a's nách dóibh féin atáid ghá cheannach agus ghá leasughadh: fócheannaidhthe: ceannaidhthe do dhaoinibh os a gcionn. In am a's go mbíonn a shochar féin ag an árdcheannaidhe agus ag an aithcheannaidhe as an ngual ní hiongadh é bheith daor ar an lucht a thomhailte nó a chaithte. Budh tharcuisneamhail a bhí ceannuightheóir aca le duine eile aca toisc go mbíodh sé ghá leanamhaint a's ag éisteacht lé gach tairsgint dá ndéineadh sé, "fág mo radharc! a cheannaidhe cluaise": ceannuightheóir bheadh ag cluasghal d'fhéachaint cad é an luach bheadh dhá tharng ag duine eile. Cuireann sé siar lucht na mbaile mór a bhfuil

de cheannaidhthibh siubhail ag imtheacht fén dtuaith ag díol na n-earraidhe atá aca féin lé díol: lucht tráchtála a ghluaiseas ó bhall go ball. “Ní haon cheannaidhe mála mise agat”, ars an fear laistiar den gconntabhairt, ach siopadóir go bhfuil bun air: fear go mb’fhéidir leis a chuid earraidhe díolta do bhualadh thiar air: ceannaidhe suarach: mangaire bóthair. Ceannaidhe ime, éisc, muc, beithidheach, guail, adhmaid.

ceannaidheacht: *b.3.* tráchtáil, an méid do ceannuightear: do dhéanamh margaidh, conbharsáid. I rith an chogaidh bhí ceannaidheacht ar stoc chómh mór san go dtéidheadh ainmhidhthe chómh hárd lé dachad púnt: d’fhagháil trí luach do dhíol as nó a chómhthrom in airgead. D’éirigh sé as cheannaidheacht leabhar agus thug sé é féin ar scríobhnóireacht: thréig sé bheith ag trácht i bhfagháil ’si gcur cúirim leabhar de. Dá mbeadh céadeagar an fhoclóra agat gheóbhfá ceannaidheacht air: thiocfadh daoine a thógfadh é ar airgead. Baile mór ceannaidheachta go mbíonn an cuan lán d’árthaighibh ag dul ’sag teacht lé lastaíbh troma ó gach áird den ndomhan, siopaidhthe strosamhla ann, ’sa sráideanna tachtuighthe lé geileas: earraidhe, áirnéis, gannaidhe na beatha so go flúirseach ar fagháil ann. An cheannaidheacht so thar lear atá ag marbhughadh na hÉireann budh cheart cáin do chur uirthe: ag fagháil earraidhe ar a gcomhthrom airgid nó luacha, agus gan sinn bheith ag saothrughadh na ngannaidhe gcéadna. Deinim ceannaidheacht mhór sa tigh sin, fágaim coraidheacht a’s chúig céad púnt sa mbliadhain ann ar phlúr: tógaim mórchuid de ann agus díolaim as. Ní holc é ar a cheannaidheacht is deacair bob do bhualadh air: déanamh an mhargaidh: margántaidheacht. B’fhearr gan oiread ceannaidheachta do bheith ar earraidhibh úrláimhe agus na daoine féin do dhéanamh rudaidhe dhóibh féin: earraidhe siopa dhá thógaint tar meón ar fad. Bhíodh ceannaidheacht an domhain ag an dtigh sin tamall, ní fhéadfá do chos do tharang ann: trácht an-mhór: mórchuid ag déanamh gnótha ann.

ceannaimsir: *b.2.* aimsir áirighthe, dáta, ré, linn, iris. Airéir do bhí sé dhá chur trí n-a chéile againn gur tímcheall na ceannaimsire céadna, tosach an Chogaidh Mhóir, do saoghaluigheadh an garsún: tráth áirighthe a fhanas ’n-a spric de chionn rud éigin staramhail nó iongtach nó suaithinseach do thárlachtaint. “An le linn an tSlánuightheóra bhí Pileóit ann?” – “sa cheannaimsir chéadna san”: um an dtráth dodhearmhadta san.

ceannainn: *b.2.* ball bán in éadan ainmhidhe, aghaidh bhán. Capall dubh go raibh ceannainn ann: ball bán. An cheannainn: cuas na ceannainne, faill na ceannainne: carraig (fochais) a theasbáineas a ceann go geal nuair scughann an t-uisce dhi agus imthigheann cubharán, coipe geal, gléigeal di: bíonn sí comh soiléir san bhfarraige le ball bán in éadan capaill achar uait. Cat ceannainn: cat agus ceann bán air. Troscadh an chait cheannainn, ní íosfadh sé feóil ach d’ólfadh sé bainne! Sé trosc an chait cheannainn agat é: d’íosfá an chuid is fearr agus scaoilfeá thart rudaidhe ná beadh chómh maith ag dúmas troscaidh.

ceannairc: *b.2.* achrann, deighilt, easaontas: cealg; éirghe amach i gcoinnibh dlighe bhunuighthe na dúthaighe: uisce fé thalamh. Mara mbeadh an cheannairc d’éirigh eadrainn féin le linn agus tréis aimsire an tSeoiseáisin (Seoiseáisin) ní déanfí connradh choidhche le Sasana ar na coingheallaibh gur deineadh. Leanfaidh ceannairc na gcánach idir sinn féin agus Sasana go bhfaigheam ár mian: achrann a’s cómhrac díoghaltais. Le linn an Chogaidh Mhóir bhí scata spiairidhe agus timthiridhe ag Sasana san Oileán Úr ag

déanamh ceannairce idir an nGearmáin agus an t-Oileán Úr 'sag craobhscaoileadh ar a son féin: a dtriall ar gach cleas agus gluais chun adhbhar feirge do chur ar Mheirice leis an nGearmáin. Chómh luath agus fuaireamair cao ar d'éirigheam air i gceannairc in aghaidh ghéirsmachta Shasana: fé arm agus i gcómhrac. Fear ceannairce seadh aonne a bhíos ag spriogadh fé dhuine i dtaobh a mhná chun í do chur 'n-a choinnibh: duine trodinntineach gur mian leis easaontas do dhéanamh. Mara mbeadh an cheannairc bheith id chroidhe is ag déanamh síothchána bheidhfeá in ionad bheith ag déanamh achrainn: toirmeasc.

ceannaire: *f.4.* ceannródaidhe, soláthraidhe: ceap: stiúrthóir: an té bhíos ag tiomáint capall ag déanamh treabhtha. "An ceannaire ghá rádh leis an bhfear deiridh an fód d'iompódh a's gan é do bhriseadh": tiománaidhe, giolla na gcapall. Cé hé ceannaire an tighe seo? tá gnóth agam de: cé tá os cionn nó ag riar an tighe seo. Ceaca b'fhearr de cheannaire, Peáirneil nó Deibhiléara? an té dob fhearr mar threóraidhe? Dar lé Piaras Firitéar gurbh é Eoghan Ruadh Ó Neill an ceannaire catha b'fhearr lé n-a linn: an ceann: an ceap. Béad-sa im cheannaire ar an mbád so, nó ní raghaidh a tón ar an uisce: im chaptaen, im riarthóir. Ní bhfaighfí aonne a raghadh 'n-a cheannaire ar an obair lé n-a deacracht: bheadh admhálach innte, freagarthach 'n-a déanamh. Dia bhí buidheach di, an cailín bocht, fuair sé ceannaire maith mar nuachar, ní bheidh ceal ná easbaidh uirthe: soláthraidhe, fear a bhéas 'n-a cúram go sármhaith. Déanfaidh sé ceannaire maith dos na díleachtaidhibh chómh maith agus dhéanfadh a muinntir: fear aire agus stiúrtha: treóraidhe.

ceannaireacht: *b.3.* treóraidheacht, treoireacht, stiúradh. Dhiúltuigh sé ceannaireacht a chomplachta nuair bhrath sé go raibh an choitchiantacht míobhuidheach de. Chaith sé na bliadhanta i gceannaireacht buidhne ceóil san amharclann: ghá treórughadh, ghá congbháil i riar agus i bhfóireamh a chéile. Baineadh ceannaireacht an tsiopa dhe toisc go dtugadh sé iomad cáirde uaidh: smacht, riar, neart, maoirseacht. Sa tseanaimsir do bhíodh béas aca gan aonne do leigeant i gceannaireacht (an treabhtha) ach fear feadghala: i stiúradh na seisrighe.

ceannais: *t.g. 'n-a aidiacht* séimh, mánla, ceannsa, mín, miochair, grádhmhar. B'shin í an bhean cheannais an árdbhannaltra, go lághach ceannúireach lé gach othar fé n-a cúram: grádhmhar, solabhartha, deaghghníomhach. Tabhair cainnt cheannais don leanbh, seadh is dóichighde dho teacht chun muinnteardhais leat: cainnt chneasta, ghrádhmhar. Focal ceannais níor labhair sé riamh ón mbinnse lé haonne ach ag ullfartaigh ar gach duine a thagadh ós a chómhair: mín nó lághach, cneasta, gnaoidheamhail.

ceannáit: *b.2.* an phríomháit, an ball is tábhachtaighe. Is é an Daingean ceannáit Chorca Dhuibhne: an baile is mó agus is tábhachtaighe. Dún Chaoin ceannáit na Gaedhilge: an áit is fearr chúiche.

ceannárd: *a.* mórtaiseach; an-árd (faill nó tigh): tóirtéiseach. Budh cheannárd do shiubhaladh sé an tsráid, budh dhóigh leat air gur leis an chathair ar fad: meas mór aige air féin. Ní tugtha dho bheith chómh ceannárd san ar fad a's ná labharfadh sé le haonne, cad ar a shon? lán do bheith fé agus mustar gan ghustal. Ceannárd go maith a bhí sé nuair

fuair sé moladh an uachtaráin: meastamhail air féin: baoth, amhrastamhail (as a bhfeabhas), uaill-mhianach, uallach. Daoine ceannárda go raibh meas ar a dtír a's ar a daoinibh aca dob eadh iad, nár chlaoidh riamh do ghéirleanamhaint nó do phlámás namhad: daoine go raibh mórdháil dhúthamhail geinte ionta. Caisleán ceannárd dob eadh Caisleán an Mhórdaigh, go raibh mórán boghtaidhe ann: mórtach, maordha. Tigh ceannárd go mbeireann iomad gaoithe air: tógbháil árd.

ceannas: *f.1.* ughdarás, cómhacht, uasacht, taoiseacht, urraidheacht, treóraidheacht, tighearnas. Toghadh é chun bheith i gceannas an chruinnighthe d'aon ghuth agus shuidh sé ar an adhbhar san sa chathaoir: i mbun: ughdarás do thabhairt do an cruinniughadh do riar, chun a ngnótha do sheóladh a's do chur i gcrích mar budh cheart dréir córa agus comhthruim. Baineadh an ceannas den rí déidheanach a bhí ar Shasana nuair iarradh air athnacadh a's go ndeárna: an árdchéim a bhí ag dul do mar rí. Fuair sé ceannas an cheanntair ar fad agus cead a rogha ruda aige ó cheannphort ag troid i gcoinnibh na nDubhchrónach: cómhacht iomlán pé nidh budh mhaith leis do dhéanamh. Budh dhian a's budh dhaingean é a gceannas go bhféadfaidís a dtrionntaidhthe do chaitheamh amach ar thaobh an bhóthair gan bheann gan eagla: a gcómhacht. Chuir an oighreacht a thuit isteach air ó cheannas aonne é: dhein sí neamhspleádhach é: gan bhuannacht ag neach air é do chur ag obair ná bheith ag órdughadh air. Fuair Hindeinbearg ceannas feadhna ar arm na Gearmáine: bheith n-a cheann urradh sluagh ortha. Ar feadh i bhfad tugadh d'aonghuth ceannas cómhairle na dála: bheith 'n-a chathaoirleach. Níl aon cheannas agam ort, níl a bhac ort teacht a's imtheacht mar is áil leat féin: nílir fé léidhe mo smachta. Maidir lé léigheann do, níl aon cheannas agam air: nílim aon phioc níos feárr 'ná é. Gearánadh leis an lucht ceannais mé go mbínn ag bradaidheacht treasna na teórann: an riaghaltas: na daoine atá i suidhe riartha.

ceannas: *f.1.* cion, ceanamhlacht, grádh, mórmhuinnteardhas. Thuill sé agus fuair sé ceannas na ndaoine mar budh iomdha maith do dhein sé ortha: meas agus muinnteardhas. Lean sé sall 'on bhFrainnc í lé ceannas di: grádh dochoimsighthe dhi.

ceannasach: *a.* cómhachtach, acfuinneach: uile-chómhachtach: mórthábhachtach: mórtaiseach: uasal. Siopadóiridhe ceannasacha a bhíodh ag díol go fairsing ó cheann ceann na corca: siopadóiridhe láidre, saidhbhre. Mara mbeadh é bheith ceannasach ní rithfeadh an bannc an oiread airgid leis: maoin a's strus do bheith aige. Ní raibh aonne a déarfad 'hafsan' leo, bhíodar chómh ceannasach san fé riaghaltas Shasana: lánchómhachtach: ní bhfaighfí aonne threasnóchadh ortha. Brathaim an-cheannasach ó thugas an chraobh liom ar iomarascáil: mórdhálach. Dá mbudh fear ceannasach é ní thógfadh sé aon cheann de easonóir dailtín: fear tóirtéiseach as féin. Treabh cheannasach dob eadh na Gearaltaigh ó Áth Cliath go Corcaigh, ag riar daoine a's ceanntar: mórchómhachtach. De dhaoinibh ceannasacha ón dtaobh thall dob eadh an Peáirnéalach: go raibh fuil uasal ionta. Cé hé is ceannasaighe ar labhairt ná tusa go bhfuil toghadh an eólais agat: is córa, is mó i dteideal. Duine ceannasach seadh é d'fhéadfadh tú do chur ag obair i gcéad áit: cómhachtach.

ceannasach: *a.* grádhmhar, gnaoidheamhail. Duine ceannasach gan tóirtéis gur furaiste labhairt leis: duine a bhíos íseal, uasal, caoin, cneasta lé gach n-aon. Dá bhfaighinn cainnt

cheannasach féin ann gan bac lé biadh: cainnt bhéasamhail, ghnaoidheamhail. Dá cheannasaighe bhír anois a's gan aon chao leithscéil do thabhairt do 'seadh is mó an dul atá agat ar eirghe leat: dá lághaiche labhrair leis: dá chneasta thugair cainnt do.

ceannbhaile: *f.4.* an baile is mó, baile cómhnaidhthe dhuine. Ní shroichfeam an ceannbhaile anocht ar fhaid atá sé uainn agus a dhéidheanaighe atá an tráth: ár n-áit chómhnaidhthe. Déineann sliocht Shioradáin a gceannbhaile i Ráth Caola: is ann a chuirid fútha an chuid is mó den mbliadhain. Corcaigh ceannbhaile Chúigeadh Mumhan: an chathair is tábhachtaighe 'sis acfuinnighe.

ceannbhrat: *f.1.* clúdach don gceann mar caipín, hata, binn mhná: bairéad. Ceannbhrat neamhchoitcheann ar chléir na Frainnce: clúdach cinn. Ní bhíodh de cheannbhrat ar an aindeiseoir bocht fén sín ach seanphaca: seanphaca casta ar a cheann in ionad hata.

ceannchaol: *a.* géar-rinnceach. Is ceannchaoile snáthad ná biorán: is géire an barr a sáidhtear. Carraigeacha ceannchaola ná féadfá siubhal ortha lé n-a ngéire: bearra ar nós biorán.

ceanndáine: *b.4.* dosmachtamhlacht, doighéillteacht: toilteanamhlacht. Leanbh ceanndáine seadh do mhac, leanann sé a thoil 'sa shlighe féin. Ní feárrde aonne an cheanndáine: is tairbhighe do dhuine agus is subháilcighe bheith umhal sochorruighthe lé cómhairleach 'ná bheith ar a mhalairt de chuma. Uachtarán ceanndáine dob eadh Mac Uilliam na Stát n-Aonta le linn an chogaidh mhóir, níor ghlac sé cómhairle ná samhladha ó aonne: fear go mbeadh a thoil féin aige. Lé n-a cheanndáine ní fhanfadh sé amach ón ineall cé go raibh fógra bagartha air, go rug an sásraidh air a's gur marbhuigheadh é: daingneacht i leanamhaint a thola féin. Nár cheanndáine an rud don gcaptaen druideam chómh geairrid do thalamh anaithnid lé luing chómh mór: misneamhail: neamheaglach nó beageaglach: gaisceamhail.

ceanndubh: (**cionndubh**) *a.* ceann agus dath dubh air. Daoine ceanndubha seadh na fir ghorma: folt dubh ortha. Fáisc na ceannadubha san as do chroiceann: an salachar sa bpíochánaibh chneasa an duine go mbíonn dath dubh air. Sid í ceanndubh ag teacht, tugtar slighe dhi: bean áluinn dubhcheannach.

ceannfáth: *f.3.* príomhadhbhar, cúis bunaidh. Dá mbeadh ceannfáth agus fiche agam lé tú sheirbheáil ní dhéanfainn é, ní maith liom dlighe ná caibeadal: cúis cheart. Is iomdha bhí aice lé n-a fhear d'fhágaint ach b'é an ceannfáth ná raibh sé dílis di: an fáth budh mhó ar fad. Ceannfáth an achrainn seo do léighir ar na páipéaraibh bheith idir Dheisceart agus Tuaisceart na hÉireann cealgaireacht Shasana.

ceanniomaire: *b.4.* an iomaire a cuirtear treasna i mbarr 'si mbun guirt san áit go dtugtar na cinnfhearainn ortha. Feic **iomaire**.

ceann-lá: *f.* (*-lae*) lá nó tráth socruighthe, an lá deireannach i gcóir ruda áirighthe, an sprioclá. Ní fada uainn anois an ceannlá go mbeidhfear ag sighiniughadh i gcóir na mírdhéirce: an lá atá ceaptha. Sé a cheannlá tháinig a's dár ndóigh fuair sé saoghal fada:

lá deiridh a shaoghail. Mara bhfuil an ceannlá féin buailte liom chun na hoibre seo do bheith críochnuighthe beidhfear ag súil léi go luath: lá teórann.

ceann-láidir: *a.* toilteanamhail: dána: dúr: doghluaiste. Bheadh sé ag áiteamh a's budh bheag an mhaith dhuit bheith ghá impidhe air éisteacht tréis an chirt d'fhoillsiughadh dho tá sé chómh ceannláidir sin: daingean 'n-a thuairm a's 'n-a shlighe féin. Ara, mhuise, budh cheannláidir an mac é ná géillfeadh tréis é do threascairt cheithre huaire: dostaontha: dosmachta, neamhfhéitheamhanta. Ainmhidhe rócheannláidir dob eadh an láir agus nuair sceinnfeadh sí níor bh'fhuraiste a cosc: tréan as a ceann.

ceannlomnochta: (**-lomnochtuighthe**) *a.* do bheith gan clúdach cinn mar bairéad, hata, cadhp, binn etc. D'imtheóchadh sé chun na rás ceannlomnochtuighthe (aillbreith): go fonnmhar: budh deacair é do chongbháil uatha.

ceannmhullach: *f.1.* fíormhullach, fíorbárr, pláitín an chloiginn. Chuaidh sé im cheannmhullach i dtaobh a rádh leis go raibh sé ag dul in olcas chun oibre: d'ionnsuidh sé me go feargach. Bíonn oiread san tinnis air (an ceann) go measaim go n-éireóchadh an ceannmhullach díom: an croiceann a chlúduigheas an cloigeann cruaidh.

ceann-nocht: (**ceann-nochtuighthe**) *a.* gan faic ar an gceann mar chlúdach: Bíonn sé ag imtheacht ceann-nochtuighthe: mar bheadh duine buile.

ceannphairt: *b.2.* clúdach, barr uaithne, cochall, "húda". Caithfear ceannphairt nuadh do chur ar an ngluaisteán tá an tsín tríd seo anuas: clúdach. Tá ceannphairteanna órnáideacha ar uaithnidhibh an tighe: an mullach nó an barra atá ar na cosaibh atá fé n-a stadannaibh.

ceannphort: *f.1.* príomhdhuine, ughdar, árdoifigeach: riaghalthóir: ceannurra: árd-fheadhmanach: príomh-áit nó ionad: lár-ionad: an t-ionad is tábhachtaighe do chúram nó ghnóth áirighthe. Sin é an ceannphort atá ar na gárdaidhibh in Áth Cliath: an t-oifigeach ortha go bhfuil an t-árdsmacht aige. B'iomdha ceannphort maith cogaidh do bhí ag an nGearmáin lé linn an chogaidh mhóir: ceannurra: oifigeach riartha slógh. Chuir gach tír a ceannphuirt chun na cómhdhála d'fhonn a gcúrsaidhe do chur chun cinn: na daoine b'fhearr a's budh thábhachtaighe aca. An Daingean an ceannphort atá ag oifigeach na dtáillidhe: is ann atá an phríomhoifig. Muna bhfaighead sásamh as an méid cánach teacht isteach breise atá bainte dhíom ón oifigeach ceanntair ní staonfad go dtéidhead go ceannphort i mB'l'Áth Cliath: an áit go dtagann riar a's orduighthe as. I nDún an Óir do dhein na Spáinnigh ceannphort an bhliadhain sin i gCiarraidhe: an áit go raibh cómhnaidhe ar an gceannurra. Críochnaigh ceannphort an scéil, agus scaoil chughainn d'eachtra: mionrudaidhe nách tábhachtach don scéal féin a bhíos dhá innsint chun a chur in iúil cad bhíos le leanamhaint.

ceannrach: *b.2.* ceangal cinn ainmhidhe gan an bhéalbhach; díonbhrollach: réamhrádh. Bíonn ceannrach ar an gcapall san eachlann, stábla, corr, cluasáin a's bhéalbhach nuair bítear ghá oibriughadh: an ceangal, téadán nó leathar a bhíos tímcheall an chinn os chionn an bhéil agus tris nó treidhsle treasna an chinn ag an gcluais: is de bhíonn an t-adhastar a bheadh id láimh agat ceangailte. Bím ar cheannraigh ag mo mhnaoi ní leigfeadh sí amach

ist oidhche mé chun oiread agus cluiche cártaidhe d'imirt i dtigh comharsan: fé chuingsmacht. "Ní capall gan ceannrach" (seanfhocal) deirtear so nuair ceannuightear capall, sé sin dréir nósa agus ráta go dtéidheann an ceangal cinn leis an ainmhidhe, mar an gcéadna aon rud a ceannófá go mbeadh clúdach dá leithéid ag dul leis, bosca le brógaibh nó a lithéid dréir nósa dlighthear don gceannuightheóir é do bheith aige. Ná cuir aon cheannrach ar do scéal: tair cruinn díreach ar an aithris.

ceannradharc: *f.1.* buaidh bheith i ndán nidhthe le teacht do mheas dréir imtheachta nidhthe i láthair na huaire. Ní raghadh ón gceannradharc atá san gceárdaidhe ceart, féach mar fhág sé ionad dorais i ngach binn i dtreó dá dteastuigheadh breis do leigeant leis an dtigh gur bhfuraiste teacht air: níl aon teóra lé réamhmhachtnamh intheangbhála na fáisdine. Lé ceal ceannradhairc do shúngcáil lachlong leis an nGearmáin an "Liusaiténia", mar b'eól dóibh go raibh Meirice ar sciobaigh chun leithscéil rannpháirtidheachta sa chogadh ar thaobh Shasana: meabhraidheacht ghéar na nidhthibh lé teacht ar mheas na bhfáth ionthárla i gcoinnibh nó léi. An té a chidheadh an chaora in Inis Tuaisceart, sé míle ó bhaile bhí ceannradharc aige: radhar iongtach.

ceannradharcach: *a.* faidbhreithneach, faidcheannach. Duine ceannradharcach a fhéadfadh d'innsint go cinnte ar an uain seo cad é an deireadh a bhéas ar iomchogadh na Spáinne nó cad thiocfaidh as coimheascar na Síne a's na Seapáine: go mbeadh tuairm iongtach aige dréir a thuigseana: a mheádhas go ciallda nidhthe roim ré. Cheannuigh sé cuid mhaith choirce nuair bhí sé saor lé hionchas go ndíolfadh sé ar shochar mhór é, d'eirigh leis, fear ceannradharcach seadh é: fear a fhéachas roimis go ciallmhar. Thug sé fén scéal do réidhteach go ceannradharcach gan aon toisc d'fhágaint ar lár: go géar, fuaimeantamhail.

ceannród: *f.1.* bóthar rianta, an bhealach is tábhachtaighe. Ná fág an ceannród, mar sé is sia féin, ar eagla tú do dhul amugha ameasc na gcúlbhealach: an bóthar mór soifheicse, soghluaisteach.

ceannródaidhe: *f.4.* treóraidhe, uachtarán, codhnach. Dob é Deibh an ceannródaidhe is fearr agus budh dhílse dá raibh againn lé fada riamh: treóraidhe, fear ceannais, an té a dhírigheas agus chodhnuigheas cúrsaidhe na ndaoine. Na ceannródaidhthe atá ar fuaid na hEóraipe anois níl ionta ach deachtuightheóiridhe – Hitlear, Musailíní, Stailin a's mar sin dóibh: an lucht stáit atá i gceannas agus a riar 'sag treorughadh a dtíortha. An beithidheach tosaigh a bhí ortha léim sí isteach 'on choill, ceannródaidhe fiadhain, ceanndáine ná fanfadh socair: an beithidheach treóir go raibh an chuid eile dá leanamhaint. Stad ceannródaidhe na saighdiúiridhe díreach ar aghaidh ár dtighe a's d'fhiafruigh an rabhadar ar an mbóthar ceart: an saighdiúir a bhí chun tosaigh a's a bhí ag tabhairt eólais don gcuid eile. Dhéanfam ceannródaidhe dhíot i gcómhair an Domhnaigh in Áth Cliath chun sinn do ghiollaidheacht tímcheall: giolla, treóraidhe, eólaidhe: duine a bhéarfas treóir a's eólas dúinn.

ceannsa: *a.* séimh, miochair, foidhneach, mánla, lághach, mín. Bí ceannsa choidhche leis an ainmhidhe balbh, ná hoibrigh tar n-a cheart é agus tabhair a chion lé n-itheadh dho: séimh, deighghníomhach. Dá mhéid cúis feirge agus míchéadfa fuair sé ó n-a lucht

leanamhna nuair chliseadar air d'fhan sé chómh ceannsa leó a's nuair bhíodar leis: lághach, cneasda: gach focal a's gníomh go maith agus deighmhéineach. Ní chuirfeadh do dhícheall fearg ná drochaigne ann, duine ró-cheannsa seadh é: sochma, réidhinntineach, dochorruighthe. Labhair go ceannsa leis an nduine, mar is mór í a bhuadhairt agus bogfaidh sé a iomard: go cómhfhurtach, truaighmhéileach. Bíodh an focal ceannsa agat i gcómhnaidhe, níl faic buaidhte agat lé n-a bheith goirgeach lé haonne: grádhmhar, taithneamhach leis an gcluais agus leis an motháilt. Mara mbíonn imirt cheannsa eadraibh tógfad na cártaidhe uaibh, mar ní maith é an t-achrann: imirt mhacánta gan troid. Duine ceannsa i mbun siopa go bhfaghfá an ghalántacht agus an chainnt uaidh: duine grádhmhar, combáidheach, síthbhialta, deaghchroidheach. Dá mbeadh sé níos ceannsa lé n-a mhnaoi mhairfeadh sí níos sia: níos grádhmhaire: 'n-a cheann níos fearr di. Dhéanfainnse capall ceannsa den gcapall malluighthe sin ach obair do bhaint as a smachtóchadh é: capall mín, socair. Aimsir neamhcheannsa seadh í, báisteach a's gaoth mhór a's fuacht: aimsir gharbh neamhshochair gan buige gan míneacht ná aon rud cosamhail lé breághthacht.

ceannsacht: *b.3.* buige, míneacht, miochaire, mánlacht, lághaiche. Tabhair ceannsacht don laige, bí trócaireach: bí foidhneach agus go maith léi: ná bí dian uirthe toisc a haiste. Ní dheachaidh aon cheannsacht ar an bhFrainnc fós leis an nGearmáin: macántacht, mánlacht, grádhmhaireacht nó maolughadh feirge. B'fhearr liom fanacht san ósdlann so ná in aon cheann eile in Áth Cliath, mar gheóbhfa ceannsacht ó lucht a choimeádta, biadh maith, freastal tapaidh agus táille saor: "ar mh'anam go bhfuil sé anmhór anmhuinnteardha léi" – "ceannsacht ar fad (léi) seadh é": chómh lághach mánla deaghmhaitheasach a's b'fhéidir do bheith. Fuair na díleachtaidhthe oiread ceannsachta ó n-a ngaol a's gheóbhaidís ó n-a muinntir dá mairidís, éadach, biadh agus scolaidheacht: aire, cúram, grádhmhaireacht agus cion. Is sochma an capall san ar cheannsacht do thabhairt do ná bheith dian air: biadh, aire a's gan iomad oibre. "Ceannsacht, a fheara", ar seisean "a's ná bídh ag bruighean lé chéile": macántacht, síothcháin. "Ó fuaireas táille na sean tá ceannsacht Éireann dá fhagháil agam ó bhean mo mhic", ars an seanduine: aire agus ceann maith. Tiocfaidh an madra deóranta san chun ceannsachta nuair raghaidh sé i dtaithighe na ndaoine a's gheóbhaidh sé aithne ortha: mácantacht, socaireacht. Dá bhfaghadh an lucht oibre breis cheannsachta ón lucht adhmanais budh lughaide a bhfonn dul ar stailc: cneasdacht, ceannúireacht; bheith go maith dhóibh a's gan bheith dian ortha maidir lé hobair. Is deacair ainmhidhe fiadhain, mar leómhan nó onchú, do thabhairt chun ceannsachta agus annsan féin ní maith an iontaoibh iad: míneacht, neamhchrostacht, macántacht.

ceannscríbhinn: *b.2.* an líne scríobhtha nó clódhbhuailte a bhíos ar bhárr leathanaigh nó ar thosach caibidil. Chaith sé ar feadh i bhfad ag cleachtadh aithris do dhéanamh ar an gceannscríbhinn ach oiread a's aon leitir amháin níor cheap sé mar í. Caibideal gan aon cheannscríbhinn dob eadh é uimhir in ionad a bhí air: teideal.

ceannsmacht: *b.3.* lámh uachtair, codhnas, foirneart, foiréigean. "Cuireann gach aonne ceannsmacht ar mhnaoi mhalluighthe ach an té go mbíonn sí aige: congaibheann sé fé riar í gan a toil do thabhairt di. "Bí id shuidhe agus ag obair ar a sé a chlog gach maidean" – "sé an ceannsmacht é", ars an t-oibridhe: tíoránacht, déine, géirleanamhaint. Níl aon

cheannsmacht ort fanamhaint ag obair annso, imthigh tráth nó lá is maith leat: coimeád aindeónach. Chuir an Iodáil ceannsmacht ar an Aibisín lé feabhas agus nuadhacht a hinnill chogaidh: fuair sí an lámh uachtair ortha: chuir sí fé chois iad. Níor ceannsmacht go dtí é bhíodh ar fheirmeóiridhibh ag na tighearnaidhibh talmhan, iad do chaitheamh amach aon am budh mheón leó: cómhacht dochoimsighthe gur mhinicighe in áis 'ná ar ceal í. Is amhlaidh atá go bhfuil Sasana a's an Fhrainnc fé cheannsmacht 'ge n-a chéile, ní fhéadfadh tír aca déanamh de cheal an chinn eile: bíonn iachall ar cheann aca tacaidheacht leis an gceann eile ar mhaithe léi féin lé linn gádhtair a cómharsan. D'imthigh an ceannsmacht bhíodh ar shaighdiúir go mbíodh coir a chrochta air ar bheagán cúise: an ghéarleanamhaint dréir a ndualgais feadhmanais. Ní feadhmanas ach ceannsmacht bheith i láthair do chúraim gan aon fhaoiseamh: daorsmacht, anabhroid díthsaoirse. Níl aon cheannsmacht ar óige an tsaoghail atá ann anois, níl dhá ndalladh ach rinnce a's aoibhneas, seódh a's scléip a's caitheamh aimsire lasmuigh. Nár mhór an ceannsmacht bhíodh ag Eilís Ríseach ar a trionntaidhthibh go gcuireadh sí iachall ortha gnótha a gabháltais féin do dhéanamh roim a gcuid curadóireachta féin: tíoránachas: lámh láidir.

ceannsughadh: *f.* (*-ighthe*) do chiúnughadh, do shíothughadh, do smachtughadh: do mhíniughadh: do staonadh: do thláthughadh: do mhaolughadh: do chómhghrádhughadh: do cheannaireacht: do bhreith chun lághaicheachta, chun mánlachta. Dhearbhuigh sé os chómhair an bhreithimh gur d'iarraidh na dtrodaidhthe do cheannsughadh do bhí sé a's nách ag taobhughadh le haonne aca: do mhaolughadh a's do dhéanamh réidhtigh eatartha. Chun a gceannsuighthe ar bheith crosta, dásach seadh bhíonn an coimeádaidhe ag déanamh teidhminte ortha: chun a gcosca ar bheith borb, forránach. Ní mór an ceannsughadh ar an Iodáil gur fhág Sasana a lón cabhlaighe i Málta, níl sí sásta fós: is beag an maolughadh ar a déine é i gcoinnibh Shasana. "Dá gcuirtí cíos i mbun cíos ortha, anródh i mbun anróidh, ní dhéanfadh bhur gceannsmacht aon cheannsughadh ar mhuinntir na hÉireann", ars an Peáirnéalach: aon chlaoidhe, aon lagughadh spiride, aon mhaolughadh. Ní dóigh liom go mbeidh lucht bailighthe na cánach chómh dian orm anois gur mhínigheas dóibh mo neamhchumais díolta a's go dtiocfaidh ceannsughadh ortha: staonadh ó dhéine éilimh. Ón gcómhrádh úd a bhí agam leis, dhá chómhairleach gan bheith chómh dubhach i dtaobh a chailleamhna, tá ceannsughadh tagtha air: maolughadh. Ceannsughadh ar na gárlachaibh ó bheith ag gol 'sag cnáimhseán milseán do thabhairt dóibh: maolughadh, tláthughadh. Leigeann Sasana uirthe ná fuil aon cheannsughadh aice ar Shíol 'Liam i dTuaisceart Éireann, a's gurb amhlaidh bhíonn sí ag séideadh fútha: aon cheannaireacht nó cómhacht chosca. Beag maith dhuit bheith 'ghom cheannsughadh-sa lé bladaireacht chun bheith muinnteardha leat: bheith ag tabhairt séimhchainnte dhom. Dubhradh lé Sasana go mion a's go minic go rabhamair sásta le coisde ceannsuighthe neamhleithleachais lasmuigh den dá thír chun breithe do thabhairt ar gcogadh sraithe atá eadrainn do shocrughadh: coisde réidhtigh.

ceannsuighim: *b.a. 7 n-a.* mínighim, umhaluighim, sásuighim, maoluighim, tláthuighim, maothuighim, ciúnuighim, cuirim chun suaimhnis, téidhim chun suaimhnis, mánluighim. Ceannsóchaidh a dhóthain bídh an sutha maran air atá an craos: sásóchaidh biadh é dá mhéid chraois air. Níor chailleamair riamh ár ndóchas ná go gceannsóchaimís Sasana: ná go míneóchaimís í. Ceannsuigheadh me d'aindeóin an fhuadair do bhí fúm go mbein in

Áth Cliath ó Dhún Chaoin fén oidhche nuair briseadh agastair an ghluaisteáin orm: umhaluigheadh me: baineadh an réim díom. Muna gceannsuighir an duine buile sin déanfaidh sé díobháil dhuine éigin leis an nguna san: maoluighir: suaimhneasuighir: bainir an bhuile dhe le cómhairle nó eagla do chur air. Ní cheannsóchadh sé choidhche lé n-a fhiadhantas de bhuachaill, mara mbeadh an cómhluadar cneasda do chleacht sé: ní raghadh sé chun mánlachta. Ceannsuighimís lé chéile an bheirt againn is cuma cad é an ceal réidhtigh a bhí orainn go dtí so agus sroichfeam an rud atá uainn d'aindeóin na beirte sin: claoidhimís lé chéile agus deinimís cómhar oibre. Dá mhéid tinneas a's duaidh a bhí air do cheannsuigh cogas an dochtúra é gur thuit a chodladh air: do chuir chun suaimhnis a's socrachta é.

ceannsuighthe: *a.r.* mínighthe, suaimhneasuighthe, sásta, maoluighthe, umhaluighthe, mánluighthe. Is furaist aithint me bheith ceannsuighthe ag an aois, is fada go mbeinn ag éisteacht léd chuid teallaireachta, a dhailtín: m'fhuinneamh a's mo neart bheith tráighte. Daoine ceannsuighthe seadh iad, gan locht ná gearán aca ar an Riaghaltas ó fuaireadar an mhírdhéirc: curtha chun suaimhnis. Sar ar éist dá bhfreagairt a's dá mbréagnughadh bhíodar chómh ceannsuighthe sin ag an bhfírinne gur fhanadar 'n-a dtost: umhaluighthe. Duine ceannsuighthe tréis an toghaidh do b'eadh é toisc gur buadhadh air: mánluighthe: bainte dá chleitidhibh: an ghaoth mhór imthighthe. Go dtí go raibh gach aon tsaghas socamais dá raibh ar an mbórd blaiste aige ní raibh sé ceannsuighthe: tagtha chun ciúnais: é bheith sásta. D'fhág an príosún 'san droichcheann ceannsuighthe é: maoluighthe, ciúnuighthe, curtha i ndiaidh a chúil. Tréis dóibh bheith ag ól fíona ar feadh na hoidhche, ar theacht na maidne ní raibh a dtart ceannsuighthe, nár bh'iad na póitiridhe críochnuighthe iad: múchta, sásta. Bíonn an ghaoth ceannsuighthe gen gcnoc sara mbuaileann sí an tógbháil: staonadh déanta ar a neart.

ceanntar: *f.1.* líomatáiste, áirighthe thalmhan mar bheadh leirg mhór de chrích, de chúigeadh, de chonntae, ríomhtha ag an ndlighe gur féidir dlighinse áirighthe do chur i bhfeidhm ann: críoch go mbíonn teóra chinnte dhearbhtha uirthe: roinnt thuataigh de chonntae nó de líomatáiste fá chómhair cúram dlighe nó gnóth eile: an áit mórdtímcheall na cómharsanachta: tuath. Ní aithnighim thu, dar liom ní ón gceanntar duit, tá cuma dheóranta ort: ón mball i bhfogas dom. Shiubhalófá na ceanntair a's ní bhfaghfá aon bhleaigeárd is toghtha 'ná é: cliatháin mhóra thalmhan: mórchuid talmhan. "An tsidhebhean mhilis mhallruisc de dhraoithibh chearta an cheanntair": nárbh aon draoithe deóranta iad: go rabhadar féin a's a síndraoithe ann do shíor. Chómhnuigheadh Piaras Firitéar ar cheanntar Dhaingin Uí Chúise: ar an dtuaith in athchomair do. Is beag an taithighe atá ag muinntir na hIarmhidhe ar iasc mar ná fuilid ar cheanntar na farraige: ar athchomaireacht, in aice na mara: ar an oirear: ar an gcósta. Ar an bhfuacht atá ann indiugh déarfainn go bhfuil sioc agus sneachtadh ar na ceanntaraibh: i gcómharsanacht don áit 'n-a labhartar. Bíonn cúirt cheanntair sa Daingean gach mí: cúirt go mbíonn líomatáiste a cómhachta leagtha amach ag an lucht ceannais. Is fén riaghalachas ceanntair agus bórd um shláinte na ndaoine atá gluaisbheart na dtighthe ag feidhmiughadh: riarughadh i ngach ball socair áirighthe fé leith. Chaitheas túis m'óige ag obair do choisdidhibh ceanntair de Chonnradh na Gaedhilge in Áth Treasna, i Ráth Caola, i bPort Laoighise, i nDroichead Bandan etc.: coisdidhe go raibh roinnt áirighthe líomatáiste leagtha amach dóibh ar a gcion féin. Níl aon bhaoghal ná gur cnocach, sléibheamdha an

ceanntar Corca Dhuibhne: an méid talmhan atá fén gCorca. Níor thugas aonne fé ndeara sa tsochraid tar ceanntar amach: ó thímcheall na háite. Scaoilfear an mhírdhéirc fén gceanntar go luath: ameasc na ndaoine thart tímcheall. Aicíd cheanntair seadh an bhruitíneach so, ní clos dom í do bheith in aon áit eile: aicíd chonnluighthe, neamhfhairsing. Sa tsamhradh ní daoine ceanntair an uile dhuine bhuailfeadh annso leat, bíonn mórchuid ghluaistínidhe ann agus lucht foghlumtha Gaedhilge: daoine den dtír a's den áit. Seo ceann des na ceanntaraibh go labhartar Gaedhilg ionta: ball.

ceanntáthair: *m.* (*-thar*) (*iol.* ceanntáthairidhe) an bhláth agus an chos a bhíos ar an slándus (slánlus): "saighdiúiridhe" mar thugann leanbhaidhe ortha. Ceanntáthair righin é seo a's is ag dul i righne atá sé, ní bhainfeadh faic an cnuga de.

ceanntoll: *a.* ceann agus toll nó poll nó briseadh ann. Connus bheadh faic sa tsoitheach, é ar an bhfarraige go raibh gríos air, agus é ceanntoll 'n-a theannta san: oscailt i gceann de.

ceanntráth: *f.3.* am sprioctha, túis nó deireadh ama áirighthe. Ceanntráth na críosdaidheachta; ceanntráth na leitreach: an lá den mhí a's den mbliadhain 'n-ar scríobhadh í. Sid é, an dó a chlog, ceanntráth teachta an phuist: an t-am atá sprioctha. Buaileann sé chughainn i gceanntráth gach seachtmhaine nó mar sin fé dhéin a dhéirce: bíonn aitreamh seachtmhaine idir gach aon dá thurus. Díoltar an cíos ar an dtigh seo i gceanntráthannaibh míosa: go tráthamhail gach mí. Tá ceanntráth an dubhluachair buailte linn a's beidh an saoghal ag bogadh as san amach: deireadh na drochaimsire. Bímís ag clutharughadh orainn, tá ceanntráth an gheimhridh chughainn: tosach an gheimhridh i ngiorracht dúinn. Sé siafróir is fearr sa cheanntar é, níl ceanntráth leis na céadtaibh bliadhan ná fuil istigh 'n-a inchinn aige: am teagmhais áirighthe, mar saoghal Eilís Ríseach, bádhadh bháid na nGort nDubh, Piaras etc. Lá Lughna ceanntráth an chíosa do dhíol: an t-am go bhfuil sprioc lé n-a dhíol, an lá deireannach: an lá dleaghthamhail.

ceanntréan: *a.* dúr, daingean, dochorruigthe, ceanndáine, doghluaiste, maigeamhail, maoidhteach, mórtaiseach. Ní fhéadfainn thob ná théib do bhaint as, tá sé chómh ceanntréan san: daingean i leanamhaint a thola: dochorruighthe as an aigne atá aige ar an linn sin. "Gan bheith ceanntréan bheadh mo chomharsain ag gabháil lastuas díom", ars an duine deóranta san áit: dána, misneamhail, neamheaglach. Labhair sé go ceanntréan, ag fógairt an Riaghaltais soir siar! go dána freasabhrach. Ghluais sé tríotha go ceanntréan 'n-a uath a's 'n-a aonar, ceangailte, cuibhrighthe trí lár na sráide a's a namhaid 'n-a sraithibh ar dhá thaobh an bhealaigh: go neamhurrumach, uaibhreach, lán de dhéistin shochtaigh. Sháidh an bád chun cinn go ceanntréan tríd an bhfarraige fhiadhain chonntabharaigh: go láidir, forasta. Capall ceanntréan dob eadh é agus sciúird sé as an rás: láidir as a cheann: budh dheacair do choimeád i rian. Thug sé imirt cheanntréan uaidh i rith an chluiche ar fad, níor thúisce ar lár é 'ná ar a bhonnaibh: imirt chealgánta, imirt ar fheabhas. Ná bí chómh ceanntréan leis an laige, tabhair comhthrom di: ródhian dréir cumais nó cómhachta.

ceanntréan: *b.2.* (*ceanntréine*) dúire, daingneacht: corracht, stuacacht, stailceamhlacht: athumhaltacht: neamhghéilleadh d'ughdarás, laochas. Do lean an fíné dá cheanntréan, cuma cad iad na ceisteanna do chuir an dligheadóir sé an freagair céadna fuair sé gach

uair: gan a bheag ná a mhór de stríocadh aige chun na bhfreagraidhe budh mhian leis an gcroscheisteóir do thabhairt uaidh. Lé n-a gceanntréan ní theasbánfaidís an t-éan suaithinseach dá dtighearna talmhan a's iad fé bhagairt díthshealbhtha: doghéillte: dochorruightheacht: daingneacht 'n-a n-aineólas nó 'n-a rún aigne. An ceanntréan fé ndear (ndeara) dho gan aon droichstéig thalmhan san do dhíol air luach maith dhá fhagháil aige: an t-aiteas buanseasaimh a leanas ceal an eólais. "Bainfeadsa an ceanntréan asat lé smacht agus iomad oibre agus beagbhiadh", ars an bodach cómhachtach lé n-a bhuachaill aimsire: an míghéilleadh dá órduighthibh nó an mustar in aghaidh an cheanntruim. D'imthigh an ceanntréan leis an aois: an uathdhánaidheacht agus an uaththoilteantacht a bhí ag gabháil leis 'n-a óige.

ceanntrom: *a.* suaidhte (tréis ragairne), liosta, marbhánta, spaideamhail, spadánta, támhach, righin, leasc: iomadamhail-cheannach. Im óige budh mhinic maidean cheanntrom agam um Inid, tréis oidhche rinnce a's ragairne an phóstaidheachaibh: mo cheann bheith suaidhte, me codlatach, traochta. Bím ceanntrom, codlatach ag an aimsir cheódhbharánaigh seo: brathaim neamhmhear, neamhphras san inchinn. Bhuail an t-iasc na líonta go ceanntrom gur seo síos iad lé n-a meádhachtaint: 'n-a líon mór: cuid mhór aca chun tosaigh sa ráth. Iompuigh an bád san, tá sí ceanntrom: leathcheann uirthe: an iomad ualaigh os a cionn a's í corrthónach dá dheascaibh.

ceannuaiscneach: *a.* teasaidhe, neamhfhadaradhnach, luathinntineach, meardhána, diorraisc, neamhfhoidhneach. Dá mb'áil leat srian do chur léd theangain agus gan bheith chómh ceannuaiscneach a's duine gan chúis do ghearán: tapaidh, mear, san inchinn. Cainnt cheannuaiscneach duit bheith ag cur gill lé haonne a's gan pingin ruadh id spaga: cainnt gan ruthag, díthcéille. Buille ceannuaiscneach duit dob eadh é do bhualadh gan adhbhar: gan deallramh: gan réamhmhachtnamh. Ní chuirfeadh sé aon iongadh orm é d'fhágaint a bhearta ar a luighead cuise, duine ceannuaiscneach mar é ná meádhann faic ach déanamh: ruathaire, duine ná breithnigheann roimis. Beart cheannuaiscneach do rinne sí agus fear gan choidreamh air do phósadh: rud do dhéanamh gan aire nó machtnamh. Dána, gan náire, ceannuaiscneach gan chlisteacht, agus foclach gan gaois. In ionad bheith faidtheadhlach lé linn guaise is amhlaidh bhíonn sé ceannuaiscneach, níl sé iontaoibhe: dána gan féachaint chuige a's uaidh: rud do dhéanamh ar an thap: meardhána.

ceannughchán: *f.1.* gníomh an cheannuighe, gníomh an fhuascaltha. Ní feárrde duine an ceannughchán gan sochar 'ná toradh 'n-a choinnibh: ag ceannach gach ganna a's gan aon ghanna dhá dhéanamh. Sé a dhein ceannughchán ar mo chuid stuic nuair tógadh le cíos iad: sé d'fhuascail ó ghreim lé suim an chíosa d'íoc asta. Ní mór é mo cheannughchán um Nodlaig ná eile, duine bocht me: ní fiú trácht ar an méid mionrudaidhe do cheannuighim.

ceannuighim: *b.a.* gheibhim ar airgead nó a luach, sealbhuighim earra nó rud trí mhargadh do dhéanamh air, mar airgead do thabhairt 'n-a choinnibh nó a chómhluach d'earra nó de rud eile: gheibhim ar bholg sclábhaidheachta nó duaidh: tuillim: fuasclaim: tráchtaim in earraidhibh áirighthe: deighleálaim. A Mhic Dé, a cheannuigh sinn ó dhamaint shíoraidhe léd chuid fola luachmhaire: fhuascail sinn ón mío-ádh a bhí i ndán agus ceapuighthe dhúinn. Cheannuigheas go maith an duais sin agus buadhachtaint ar chéad iomaidhtheóir: shroicheas an duais ach ní gan duadh agus stros é. Cheannuigh an

fear bocht an Cogadh Mór go daor, marbhuigheadh beirt mhac leis ann: d'fhuilng sé go trom tríd. "Ceannóchair an lá", ars an mháthair leis, "má théidhir amugha ó scoil mar ní fhágfad stiall den gcroiceann ort gan stracadh!": gheóbhair léasadh as do mhío-iomchar a chuirfeadh ar cheal pé aoibhneas gheóbhfá as bheith ón scoil. Cheannuigh sé na tighthe ar a luach: cheannuigh sé go daor iad. Ceannóchaidh an fharraige, bain an chluas díomsa, táid ródhána: beid thíos leis aice uair éigin: bádhfar iad. Creid mise leis go gceannóchair na drochbhróga san ort sa drochaimsir seo mara gcaithfir díot iad: beidh aithreachas ort, mar glacfair fuacht nó galar tríotha. "Ceannóchair é! mara stadaidh tu", déarfá lé duine bheadh ag cur isteach ort, a's bheadh ag coimeád sians air d'aindeóin fógartha. Lé haon rud a bhéarfadh buadhairt nó anródh nó dochar chughat mara n-atharrófá t'fhuadar, go mórmhór bheith ghá déanamh lé laochas nó lé ceanntréan, déarfí "ceannóchair é". B'fhearr liom go gceannóchainn an tigh thar a bharra ná é bheith ar cíos agam, budh shaoire dhom é sa deireadh: é d'fhagháil trí shuim mhór airgid do thabhairt in aonfheacht air a's é bheith de bhuannacht dhílis agam féin. Níl aon bhaoghal ná go gceannuigheadh ár sinnsear a mbeatha, beo bocht, ocrach, sclábhamhail: má bhí aon tsubháilceas aca (a's budh bheag a's b'annamh é) do dhíoladar go daor a's le hanacra a's lé hallus a ngruadhan. Is é an té bheadh ag obair ag an mbodach a cheannóchadh an greim chuirfeadh sé 'n-a bhéal: lé déine an bhodaigh ar a íochtarán bheadh a chuid bídh tuillte go maith aige maidir le hobair a's gnóth do bhaint as. Ceannóchad an tigh ar cíos ar feadh chúig mbliadhan: tógfad é: dílseóchad é. Sin é an tigh go gceannuighim ann: an tigh go ndeighleálaim ann.

ceannuighthe: *a.r.* tuillte, fachta ar airgead nó a luach, saothruighthe lé duadh, anródh nó sclábhaidheacht, dílsighthe. Is aca atá a dtrí scillinge beaga, suaracha ist ló ceannuighthe, fliuch, fuar, salach go bolg ag taoscadh: tuillte, dílsighthe a's ní gan anródh é. An bhfuil a fhios agat cad bheadh ceannuighthe agat ar easonóir do thabhairt do dhuine is laige ná thú – do chrústáil? tuillte: ag dul duit as do neamhfhearamhlacht. Dob é an lá ceannuighthe dhom an lá cheanglas leat: an lá do luigheas leat, dob é an lá go dtáinig brón a's aindeise as dómhsa. Fuair sé guna in aisce ó charaid do, agus b'é sin an guna ceannuighthe aige, do mhairbh sé é féin go cinneamhnach leis: dhíol sé go daor as. Is é an t-airgead neamhcheannuighthe é, duais mhór chrannchuir na n-ósbuidéal: an t-airgead ná fachtar puinn dá dhuadh. Tháinig cos tinn do as thairnge chuaidh innte, agus b'í sin an chos cheannuighthe dho, thug sé ráithe sa leabaidh léi: an chos gur fhuilng sé pian aiste agus dochar trí bheith díomhaoin.

ceannuightheóir: *f.3.* duine a dhílsigheas earra nó rud ar airgead nó ar a chómhluach, tráchtálaidhe, fuascalthóir. Ní bhfaighfí ceannuightheóir d'oiread agus muc aca: ní raibh aon tógbháil ar mhucaibh. "Cá bhfaighfear ceannuightheóir don éadáil", ars an poilitidheachtaidhe, "má theipeann Sasana orainn?" – "íosfam féin í!" arsa fear magaidh a bhí ag éisteacht leis: cialluigheann sé gur deacair, más féidir in ao'chor, duine a thógfadh an éadáil. "Cá bhfaighfear ceannuigtheóir do!" deirtear so go leamh lé hainmhidhe nó rud gan mhaith nó nách fiú puinn, mar dheadh gur dheacair é lé n-a fheabhas. Dia ár gceannuightheóir a's ár Slánuightheóir: is é d'fhuascail sinn lé n-a chéasadh.

ceap: *f.1.* ₇ *3.* mol; stoc; ceartlár rotha mar a gcuirtear ceann an chrainn iomchair (an agastair) a's go scaipeann na liatháin amach as go dtín righe; tamhan, bloc, geannc throm

reamhar adhmaid nó chloiche; geannc adhmaid ar a gcúmfí hataidhe nó iad do ghlanadh; an gheannc adhmaid ar a ndíthcheannuighthear daoine: geannc árd ghearr phortaigh gan baint; mórchuid billeóg scríobhnóireachta in aon tiomarga; an múnla, an dreachadán, dealbhadán, formán ar a gcúmann gréasaidhe bróga; treóraidhe, sínsear: taoiseach nó ceannphort; cath fear in oirear troda; leirg talmhan; talamh saothruighthe, briste; leaba síl do phlanndaidhibh; síolbruinneach; fráma mór adhmaid go mbíodh puill ann do cheann a's do ghéagaibh bráighe; duine stuidéartha; duine freagarthach i nidh áirighthe, i ngnóth nó i gcúram nó in aon tionnscal muirearaighe. Chuireas ceap ar cheap de thighthibh díom ar lorg an tighe mar ná raibh an seoladh ceart agam: tighthe 'n-a gcruinneachán mar bheadh idir dhá sráid. Fuaireas an ceap páipéir sin ar réal: nách saor é a's an toirt atá aige: mórán billeóg 'n-a meall nó 'n-a gcarn. Níl ann den bportach ach ceap beag a bhainfeadh aon isleán amháin: cnapán do chur i bhfearas mar righthe iarainn ar rothaibh (teinte cheap): bloc adhmaid brothaire. Mo cheann ar ceap go mbeidh cogadh eile san Eóraip sara fada, féach mar táid ag spochaireacht ar a chéile: chuirfinn cailleamhaint mo chinn mar gheall as mo charbhall. Dob é Ó Donnchadha an Ghleanna ceap na ndaoine in oirthear Chiarraighe, ghá dteagasc a's ghá gcómhairleach a's ghá riar: taoiseach agus treóraidhe: an té gur shíolbhuigheadar uaidh. Talamh ródhaor seadh é ar dhachad púnt, cad tá ann ach ceap do briseadh as sliabh: talamh saothruighthe. Mara bhfaghfar aonne eile chun bheith freathálach ar dhéanamh an droichid agus freagrach in aon locht do bheadh air raghad féin im cheap leis an obair: raghad fé n-a mhuirearaighe go ndéanfar an obair mar is ceart. Daingnigh do dhóirse lé glasaibh cip: glais chruinne ionaistrighthe do cuirtear trí shúil bacáin lasmuigh den lúib. Lé linn an iomchogaidh ní fheaca im shúilibh cinn ná im shaoghal bheatha aon cheap fear chómh háluinn a's chonnac lá i nDún ar Aill, toghtha as rogha óglach Chiarraidhe agus Chorcaighe: gasra in oirear catha, inneallta agus in eagar chun troda. Bhainfeadh isleánadóir maith an ceap móna san in aon ló: geannc árd, ghearr, leathan. B'fhánach a n-iarrachtaidhe ar caladhthóireacht do dhéanamh in áit ná raibh tráigh ná céibh ach ceap cloiche: geannc charraige go raibh aghaidh gan méiscridhe uirthe mar bheadh bloc adhmaid gearrtha. Áit mhór chun ceap gabáiste do bheith ann mar thalamh foithineamhail seadh é: leaba síl. Bhíodh ort longa fichead ar an gceap in aonfheacht ann, nár mhór an dog long é: ar na stuic: ar na leapachaibh go ndéintí iad. D'árduigh an ghaoth mo hata léi, as go bráth liom 'n-a dhiaidh, chromas chun beartha air, d'éaluigh sé uaim, gháir gach aonne chonnaic me, bhíos im cheap mhagaidh aca: im naoidhe gáiridhe: ceann ag gach aonne orm. Ceap céille nár bh'fhéidir búntáiste do bhreith air, ná tugann siléig 'n-a ghnóth (aillbhreith): duine daingean ciallmhar chómh cnuasta ar a chéile le ceap. Chuireas ceap an ghunna lém ghualainn: chun urchair do scaoileadh. Ceap carraige gur shuidheas air ag dearcadh uaim ar an mbóchna siar siar: carraig go raibh uachtar réidh ar a taoibheannaibh go léir. Cuireadh i dtalamh me ar cheap (carraig): geannc theann ná beadh rógharbh 'n-a haghaidh. Cuireadh do bhróga ag triomughadh ar cheap an adharta: an portfhalla os chionn na teine a bhíos éirighthe amach ón mbinn. Shuidh sé ar cheap an lochtaidh a's a chosa ar silleadh anuas: faobhar an lochtaidh. Dá mbeadh an ceap mór a dhóthain ag an ngréasaidhe ní bheadh mo bhróga róbheag aige: an múnla iarainn i bhfeirm coise a bhíos ag an ngréasaidhe chun na mbróg do chumadh mar is toil leis. Chídhinn mo mháthair a's a cos aice ar cheap an túrain: an ghuala go mbíonn an roth istigh ar an bhfáideóig uirthe, an slineán a's na cluasa ag éirghe anáirde. Níor mheasa dhuit bheith id cheap céille 'ná id chraobh mhargaidh: b'ionann duit bheith saonta neamhurchóideach lé n-iomad fuaimeanta do bheith leat. Ceap tuisle,

ceap starra: ceap mhagaidh. Cuireadh an tsluasad i gceap: cuireadh an tsámhthach sáidhte, daingean i gcródh an méid dob iarann di. Blúire daraighe a bhíodh mar cheap crainn sa bádaibh móra a bhíodh annso trí fichid bliadhain ó shoin: teannta go raibh log ann - ionad bhun an chrainn seóil. Tháinig an duine deóranta ar na siúinéiridhibh agus iad ag cur roth na dtrucailidhe i dteine mhór móna aca, a's righthe iarainn na roth ar deargadh aca agus seo mar dubhairt sé: "is fearr aon phuth amháin den ngaoith andeas ná teinte ceap an domhain": na teinte 'n-a searrtar an t-iarann dearg a's go ndeilbhightear é. Chaith sé dhá lá a's dhá oidhche i gceapaibh mar gheall ar ghoid bheag, sprionnlaithe go mbíodh gach aonne a ghaibheadh tharais ag asmhuchán air a's ag caitheamh sillidhe: dealbh nó fráma adhmaid go mbíodh slighe do chaolaibh coirptheach ann mar a gcoimeádtí iad chun a dtarcuisnighthe ag an gcoitchiantacht.

ceapadh: *f.* (*-ptha*) *ab.* cúmadh, déanamh, spriocadh: ullamhughadh cloch etc.: oileamhnadh (mar aos óg): smaoineamh, machtnamh, teadh. Gan aon churisteach agam ar aonne beo agam ach mé ag ceapadh mo shuaimhnis: ghom smachtughadh féin. Thraoch an obair é, chuir sí ag ceapadh a shuaimhnis é gur furaiste breith ar earball anois air: do chur iachall air fanacht socair, neamhfhuadarach. Ag faire dhi air ar feadh tamaill 'sé ag amharc uaidh go smaointeach d'fhiafruigh sí dhe cad bhí dhá cheapadh aige: cad a bhí aige dhá chur trí n-a aigne. Sé ceapadh a bhí agam gur bh'fheárrde me seachtmhain do chaitheamh cois farraige toisc fhaid bhein ar fainnéirghe tréis an chatha breóidhteachta do chuireas díom: an rud go rabhas ag smaoineamh air do dhéanamh. Beidhfear ag ceapadh cléirigh cúirte ceanntair do Chiarraidhe go luath ó cailleadh an té a bhí ann: ag spriocadh: ag óirdneadh, ag cur 'n-a ionad. B'ait an ceapadh tháinig 'n-a cheann imtheacht thar lear i ndeireadh a shaoghail: cruthughadh éigin as an inchinn: teadh nó smaoineamh chun gnímh de thoradh chorruighthe na hincheann. Ceapadh ádhmhraach do b'eadh an scairt d'fhágaint lé n-a conntabharthaighe, mar ní raibh sé ach fágtha nuair séideadh 'n-a blodhtachaibh í: cuimhneamh le h-ádh. Ní h-é bhírse a cheapadh ach an rud a bhímse a cheapadh a déanfar: ní mar shílirse ach mar shilimse bheidh: mise an té go bhfuil an chómhacht aige. Ar é do cheapadh airís dob é an gadaidhe céadna é, tréis a cuid príosúin, ní atharróchadh san féin é: é d'aithdhéanamh. Dá mbeinn ag ceapadh a's ag ceapadh ó shoin cé bhí agam ní aithneóchainn é, chuaidh an oiread san atharruighthe air: ag machtnamh gan aon stad. Is é an tOireachtas atá ag ceapadh ár ndlighthe anois dúinn agus bíodh a mhilleán ar na daoinibh má bhíonn aon locht ortha ó'siad a thoghas baill an Oireachtais: ag deilbhiughadh a's ag déanamh. Chaitheadh an saor cuid mhór dá aimsir ag ceapadh na gcloch lé n-a shiséal a's lé n-a cheapórd: dhá gcúmadh a's dhá n-ullamhughadh mar d'oir do lé n-a gcur i dtógbháil. Buachaillidhe deaghmhúinte seadh iad agus is é sin ceapadh do tugadh ortha as a n-óige: oileamhaint, teagasc agus tabhairt suas. Níor bh'fhiú leis é do ghlacadh, an méid méirdhéirce a bhí dhá cheapadh dho – leathchoróin: dhá ghearradh dho 'n-a chion dho. Ceapadh doimhin iongtach dob eadh an t-eiteallán, ach dar ndóigh ní raibh aon bhreith aige air de cheapadh leis an gcraolachán eadaruasach: cuimhneamh: rud a deineadh nó a foillsigheadh den gcéad uair. Mara mbeadh an chómhla úd atá ceapadh srutha an mhuillinn bheadh an roth ag casadh i gcómhnaidhe: ghá riarughadh. Scéal mór groidhe dhá cheapadh agam do agus é ag géilleadh dhon uile fhocal de: dhá chur lé n-a chéile as mo cheann as an nuadh. Inns an fhírinne ghlan idir tu agus Dia agus ná bí ag ceapadh dhom: ná bí ag ríomh rudaidhe as do chumadóireacht féin. Budh mhaith an ceapadh a deineadh an lá deineadh

ceannródaidhe dhe Deibh: an toghadh ag na daoinibh. Ní h-aon cheapadh a bhí agam gurbh é bhíodh ag fuadach mo choda uaim agus é ag dul isteach im bhéal gach aon lá: ní raibh a luighead d'amhras agam go mbeadh sé cionntach. Is fada ó bheith déanta an bannc céadna, níltear ach ghá cheapadh fós: ghá dheilbhiughadh: ghá shíneadh amach: an fotha leagtha. Mo thuairm láidir go bhfuil an Ghaedhilg ag ceapadh go maith ar a ghiorracht aimsire táthar ag gabháil di agus an saighdeadh mór atá léi: ag leathanughadh amach chun eascartha a's fáis.

ceapaim: *b.a.* cumaim, cúmaim, deilbhighim, samhluighim, smaoinim, ránuighim, coiscim, beirim ar, smachtuighim, riaruighim; ullmhuighim; teagascaim, tógaim, árduighim: spriocaim (ar): múnlálaim. Ceapann gach óigfhear gur leó féin me nuair ólaim lionn 'n-a bhfochair a's go labhair séimh leo: tuigtear dóibh etc.: bíonn sé n-a gceann. Cé cheapfadh go seasóchadh Maidrid iomshuidhe bliadhna? cé shaoilfeadh é? Cé hé an té go mbeadh sé de dhánaidheacht aigne ann luighe ar an smaoineamh san. Dá gceapainn im aigne dul ann ní stadfadh Éire me, ach ní hé sin do dheineas ach a leigeant orm: dá socruighinn im smaoineamh. Níl aon leigheas aige ar a lochtaibh, sé Dia a cheap é! cómhairleach ná teagasc ní atharróchadh é anois. Deirtear lé duine go mbíonn nós nó slighe neamhthaithneamhach aige lé duine truaighe. "Is é Dia a cheap é!" is é sin gur fearr gan aon tsuim do chur ann ach é d'fhágaint ar a bhuille. Ná cuir fé n-a thuairm go gceapfadh sé drochfhocal do rádh ar aonne: go gcuimhneóchadh air agus go dtabharfadh cruth dho. Cheapas an doras d'oscailt agus bhíos ar tí na heochrach do chur 'on ghlas nuair chuimhnigheas orm féin nár bh'é mo thigh é: buaileadh im aigne. Cad cheapann tu do dhéanamh – imtheacht ón té nár thréig riamh thú, an eadh? cad tá fút? an mbeadh sé de chroiceann ort beart mar í do dhéanamh? Cheap an dlighe dhá chéad púnt den mbaintreabhaigh ar a cion féin agus an áirighthe sin dréir aoise de gach duine den gclainn: socruigheadar ar sin de bharr chúrsa na dlighe. Ceapfaidh aithbheódhachtaint na teangan agus ár mbéascnaidh atharrach ar fheabhas in Éirinn: béarfaidh chun cinn iad. Ní fios fós cé hé a ceapfar 'n-a thaoiseach ar Éirinn is cuma cad é an tuairm do bheadh agat: cé hé a h-óirdneófar nó suidhfear san ionad san. Cheap Dia an Domhnach 'n-a shaoire ar scur ó obair do: sprioc sé ar an lá san: thoigh sé an lá san seachas aon lá eile. Cé cheapfadh go mbeadh a lithéid de cheol i bhfear chómh trom leis? cé chuimhneóchadh air nó go mbuailfí 'n-a aigne sin? Ceaptar d'fhear na buile gurb é féin fear na céille: tuigtear do é: measann sé é. "Ceapann sé go ..." - "is fada gur cheap sé aon nidh cóir!" gur mheádhaidh sé 'n-a aigne go fuaimeantamhail ceart. Na dlighthe do ceapadh dúinn gan ár dtoil ná ár gcómhairle chuireadar a rian orainn: do cúmadh agus síneadh amach. Dá gceapadh Dia dho fanacht san áit a bhí aige acht níor dhein, mar is fada gur iarr sé a chabhair ná a thrócaire, bheadh sé ó bhaoghal: dá ndeónuigheadh Dia dho é: dhá mb'é sin toil Dé aige. Ní bheith 'n-a mheisceóir in ao'chor do cheap Dia dho bheith ach ar nós duine meastamhail air féin: a bhí sínte amach ag Dia mar shaoghal. "Gach aonne mar cheapann Dia é agus mar cheapann Dia dho", ars an Cinneamhnaidhe: mar bhíonn i ndán do. "Nách luath óg d'éag ár gcara, is mór an phúir é" – "sin é saoghal a bhí ceapuighthe dho": i ndán do: sínte amach do. "Cad é an t-aos do cheapfá dho?" – "cheapfainn na trí fichid ó n-a dheallramh": thabharfainn tuairm dréir mo thuigseana. Mearcónaidhe an té a cheap scéalchur eadaruasach 'n-ár ré-ne: an té a chuimhnigh agus a chruthuigh i ndéanamh an nidh sin. Duine fuar díomhaoin dob eadh é saghas file a cheapadh laoithe a's dánta ag ciapadh na ndaoine: a chuireadh lé chéile iad as a stuaim. "Daoraim chun do

chrochta thu" ars an breitheamh, "agus ceapaim an cúigeamhadh lá déag den mhí seo chun tú chur chun báis": socruighim ar an lá san: spriocaim air. Cad eile cheapadh an neart ar fad ag ár sínsear ach an biadh folláin a bhíodh aca? a thugadh dóibh é. Cheap an dúthchas na cnámha breághtha fé agus ní hé an biadh ná an saoghal gan duadh: chruthuigh a's thug fás dóibh. Pé cheap na cártaidhe san agam budh cheart do náire bheith air: pé duine is bun le hiad do dhathughadh mar seo. Pé bleaigeárd do cheap an claidhe do leagadh budh mhaith é: a chuimhnigh air. Ag siubhal go haonarach dom ar Cheann Sraithe is iomdha rud do cheapaim a's ná deinim: do chruthuighim im aigne chun a dhéanta: go dtugaim clódh agus cuma íomháighneach ortha. Ní fios cé cheap na fuinn seo ameasc na ndaoine: na daoine a chuir as tóin a chéile iad. An té ná ceapann a shuaimhneas a's a bhacas lé cúirimidhibh daoine eile is tinn do: ná fanann socair. Ceapaimís lá fé leith do thómhas na talmhan: leagaimís amach é. Cad é an méid lá atá ceaptha don méid seo oibre? curtha 'n-a tómas chun a déanta. Ní raibh ceaptha (ceapuighthe) do gach príosúnach againn ach tómas beag aráin gach lá: socruighthe dhúinn. Dá gceapainn m'aigne chun turuis do thabhairt thar lear budh bheag orm an tuairgeadh chuige: dá gcuirinn rómham é. Ceap annsan go fóill an t'uisce sin go ndéineam sraoth annso dho: teanntuigh é, ná leig as é. Ceap na fóid léd lámhaibh, ceap an bhróg níos lugha, ceap an bád fada leathan: cuir cuma nó clódh ortha. Cad cheapfá chun an tighe sin? cad é an méid airgid do chuirfeá lé n-a thógaint? Ní hé sin a cheapas duit go dtreigfeá do chara lá an ghanntair: do mheasas dhéanfá.

ceap-áirighthe: *a.* dearbh, beacht, sonnradhach, beartuighthe. Ní bhfaghfá t'ainm do chur leis an gcáipéis ach lá ceapáirighthe: lá a bhíos curtha i leathtaoibh 'n-a chómhair féin féin. Ceapáirighthe seadh é go dtiocfaidh an bás: rud atá cinnte: nách bhfuil aon dul uaidh. Púnt sa tseachtmhain ceapáirighthe dho dréir udhachta a athar, gan pingin fé ná tharais: an púnt go beacht. Daoine ceapáirighthe go labharann an t-uachtarán leó ar uairibh gnótha: fé leith.

ceapán: *f.1.* duine gleóidh, duine gan puinn fuaimeanta, ruathaire: aon nidh beag téagartha: blúire beag talmhan: bun crainn: múnla beag (do bhrógaibh etc.). A cheapáin, bíodh ciall leat agus éist, táir ag cainnt san aer: a dhuine an ghlóir bhaoith. Ceapán duine a raghadh chun dlighe lé n-a chómharsain ar neamhnidh seachain me air: duine gur furaiste leis fearg nó gortughadh dearbhtha nó íomháighneach do ghlacadh, gan mórán éifeachta ná stuama. Ní bheadh aon ghnóth agat labhairt le ceapán mar ná feadraís cad déarfadh sé: duine sothógtha: soifheirge. Mhuise, an ceapán bocht, b'fhuraiste é do chur chun seimthe, níor ghabhadh aon spriogadh fé: duine ná meádhfadh cúrsa ná adhbhar ar luaidheacht. Suidheas ar cheapán crainn do bhuail umum sa choill, chun mo thuirse do leigeant: bun íochtarach. An chuid den ngunna a bhíos 'n-a adhmad: an stoc. Sin ceapán talmhan do shaothruigh m'aithreacha rómham ar an riasc: blúire beag, gasta. Ar an gceapán san do thógfad mo thigh: leirg bheag talmhan, beartuighthe 'n-a chómhair amháin. Nách é an scolthartach é, d'ith sé ceapán toirteamhail ime: cnapán.

ceapánta: *a.r.* neamhfhuaimeantamail, rúiseach, neamhstuidéartha, guagach, ceanndáine. Mara mbeadh a cheapánta a thugais freagra orm, ghá rádh nár bh'aon phioc dem chúram ceist do chur ort, ní eiteóchainn thu ar an rud a bhí uait: deiliúsach: neambéasamhail. Duine ceapánta dob eadh é, gach tráth a osclóchadh sé a bhéal gan chainnt lé ciall ná

fuaimeant ach gach focal ar míbhéas aige: giorraisc: táthaire. Nách ceapánta an gnóth do dhuine gan eólas ar cad bhíonn ar siubhal a cheann do shádhadh in aon chómhrádh: rúiseach, gan stuidéar. Níor bh'fhéidir duit tú féin do sheachaint ar cad déarfá leis, ar eagla a thógbhála, mar bhí sé ancheapánta: gan chiall cheart do chaitheamh lé haon rud. Chídheann tú go bhfuilid sinn ag scrúdáil a ngóthaidhe féin gan baint aca le haonne eile, nách ceapánta an bheart duit dul 'n-a dtreis: beart giofaire: tighearnamhail, teidealach gan bhuannacht, gan ughdarás. Éist anois lé míniughadh agus ná bí chómh ceapánta a's bheith ag teacht treasna orm an uile nóimint: díthmbéasach, dothuigseanta.

ceapántacht: *b.3.* míbhéasamhlacht, ruathaireacht, táthaireacht. Níl aon leigheas aige air lé n-a cheapántacht, caitheann sé cur isteach ar gach aon rud do chloiseann a chluas a's ná baineann leis: dothuigseantacht, tuathalacht, tighearnamhlacht ag cur isteach ar chúram dhaoine eile. Ní leigfeadh an cheapántacht do stad go dtí gur chuir sé isteach ar bheith 'n-a theachta dála a's gan aonne ag tacaidheacht leis: táthaireacht: muinghin dhothuigseana aige as féin: lán gan cur leis.

ceap-órd: *f.1.* (-úird, *iol.* –úird) órd beag chun cloch do cheapadh nó d'ullmhughadh mar d'oirfidís, i bhfad níos éadtruime 'ná órd chun briste nó úrlaidheachta. Bhailigh sé chuige a léan, a ingir, a bhacairt 'sa cheap-órd, a's bhailigh leis ón obair: na húirlisidhe riachtanach chun tógbhála.

ceap-órdacht: *b.3.* gníomh ullmhuighthe nó oireamhnuighthe lé ceapórd: an t-ullmhughadh féin. Clocha cúinne neamhshlachtmhara gan aon cheapórdacht ná luighfeadh sa bhfalla a cuireadh ann: gan aon tslachtughadh ná cóir do chur ortha lé haghaidh maise ná greamuighthe. Ceapórdacht ar fad a bhíos ag saor leacht nó cloch cinn: ag deilbhiughadh na gcloch i gcuma cros a's a lithéid. B'fheárr chun ceapórdachta 'ná chun saoirseachta é: ullmhughadh cloch.

ceapthach: *a.* cuimhnteach, beartach, dealbhthach, cúmthach, tionnscalach. Caithfear machtnamh ar an inntin cheapthaigh seo aige agus sinn féin do sheachaint ar a ghleacaidheacht: inntin thorthach go mbeadh na céadta beart dhá chriadhairt innte. Níor bh'fheárr teacht anuas air lé hinchinn cheapthaigh, níor thúisce sáruighthe ar rud é 'ná rud nuadh aige: cuimhnteach. Faid mhair sé budh dhuine ceapthach é, is iomdha rud do bhunuigh sé: beartach: duine tonnscalach. Ar mh'anam gurbh é tusa an té is ceapthaighe againn agus gur díot budh cheart dúinn leanamhaint dá réir: is fearr chun beart do smaoineamh agus do chur i gcruth maitheasa.

ceapuighthe: *a.r.* sprioctha, cuimhnte, toghtha, saoilte, meáidhte, beartuighthe, ullamhuighthe, cóirighthe, deaghchúmtha, córach. Indiu an lá atá ceapuighthe ag an dtighearna talmhan an cíos do ghlacadh, a's ní indé ná ambáireach: socruighthe air, beartuighthe air. An mbeadh sé de chroiceann ort go mbeadh sé ceapuighthe agat tarcuisne do thabhairt do mhnaoi: saoilte, machtnuighthe, dulta id cheann. Ní atharróchadh faic m'aigne anois ar gan dul ann táim ceapuighthe air: suidhte, meáidhte, daingean, diongmhálta. Á! tá ceapuighthe agam sa deireadh, dá fhaid me ag cuimhneamh air: cuimhnte agam air: é tugtha chun mo chuimhnte agam, tréis é bheith scaipthe soir siar orm. Dhá chómhartha dhuit gurbh é fear dob fhearr é díobh nó an té budh mhó muinghin

a's sé atá ceapuighthe chun an ghnótha chonntabharthaigh seo do dhéanamh: sé atá toghtha chuige. "Ní hamhlaidh atá in ao'chor, ceapuighthe agat féin atá go bhfuil ceasnaidhe ar do chroidhe", ars an dochtúir: saoilte gan puinn adhbhair. Fé mhaidean as ár gcur a's cúiteamh fada bhí sé ceapuighthe againn an namhaid d'ionnsaighe fén oidhche: suidhte go ndéanfaimís sin is cuma cad thárlóchadh. Ní rómhaith ceapuighthe an dán é siúd leat tá an mheadar an-bhacach ann: cúmtha. Scéal ceapuighthe ar shaoghal na ndaoine ar an Oileán Mór seadh é: curtha lé n-a chéile, ag trácht ar a mbeatha. Le n-a linn deirtí ná raibh aon bhean budh cheapuighthe ná í: budh dheaghchúmtha a's budh chóraighe 'ná í. Obair ceapuighthe go maith seadh seanteach na feise in Áth Cliath fé n-a uaithnidhibh 'sa cheannpháirtibh: beartuighthe agus críochnuighthe. Ná bíodh aon eagla ort ná go mbeadh leithscéal éigin ceapuighthe aige siúd, duine atá chómh glic leis an mada ruadh, fáth ná díolfadh sé a chion: leithscéal go mbeadh croiceann air curtha lé chéile aige. Clocha ceapuighthe ag saor slachtmhar iad san sa cúinnidhibh: ullmhuighthe, cóirighthe go maiseamhail, infheadhma. Fear, capall, etc. ceapuighthe: córach; cuma an nirt air. Ní bhein rócheapuighthe dhe dá me thu go bhfaghair osdaidheacht san ósdlann san, mar tá mórchuid iasachtaidhe tagtha ann anocht: ródheimhnightheach de. Bádhadh a bhí ceapuighthe mar bhás do, is dócha: i ndán do. Ceapuighthe chun ithte atá gabhlán: déanta go speisialta: sin é an cúram gur deineadh do é. Fear ceapuighthe chun óil seadh é, ní féidir é do chur ar a chaoir: ar an méid ólann sé budh dhóigh lé duine gur deineadh dáiríribh é chuige. Tá sé ceapuighthe ag daoinibh nách tú go bhfaghaidh cogadh idir Shasana agus an Iodáil mar gheall ar úrlámhas ar an Muir dTrian: meáidhte agus creidte aca dréir cómharthaidhe.

cearc: *b.2.* éan aithnideamhail tighe; an t-éan baineann. Cearc fraoigh: éan a lonnuigheas ar shléibhtibh trioma mara mbíonn fraoch a's craobh go flúirseach. "Is é coigilt na circe fraoich ar an bhfraoich é" (seanfhocal): ag déanamh coigealtha gan aon deallramh air: éan cosamhail leis an gcirc tighe ach gob crom gearr do bheith uirthe, cosa clúmhach síos go treathán agus croiceann leathan, nochta, dearg ar gach súil. Cearc choille: paitrisc. Cearc uisce: éan a lonnuigheas cois aibhnte, a's caolta, a's pollaidheacha portaigh, is éadtruime í go mór 'ná na cearca atá ainmnighthe, agus lapa iadhta uirthe. Cearc Fhranncach: éan mór d'aicme na circe tighe gur dual a's dúthchas di Tuaisceart an Oileáin Úir; meas mór mar bhiadh uirthe. Cearc na n-éan: an chearc ghuir. Seo chughainn cearc an phrompa (aillbhreith): cailín nó bean go mbeadh éirghe anáirde fúithi, díreach mar bheadh cearc go mbeadh prompa nó tropall thiar anáirde ar a deireadh ag cur cuma neamhghnáthach uirthe. "Is olc an chearc ná scríobhann di féin": duine gan mhaith ná tairbhe nách féidir leis é féin do chothughadh. Níl oiread circe anois innte, chuaidh sí as chómh mór san: cuma thruaillighthe uirthe. Níl muc ná cearc aige: anbhocht (feirmeóir). Ní itheann sé cuid chirce den mbiadh: spirid anlag ithte atá aige. B'aithnid dom duine, bheidhleadóir go dtugtí "an cearc" mar leasainm air, toisc an ghlóir chaoil lag a bhí aige. Cearc chába seadh an coileach fuiseóige: bíonn struicín nó dual beag clúimh anáirde ar mhullach an chinn. Ainm tharcuisneach ar mhnaoi seadh "cearc". Bíonn sí ag imtheacht ó pholl poll ar nós na circe go mbeadh ubh aice: mar bheadh cearc corrthónach: rúiseach: neamhchómhnaidhtheach. Cearc na n-éan (aillbhreith): b'í cearc na n-éan don gcuid eile den gclainn í: an té a sholáthruigh agus thug aire dhóibh.

cearcach: *a.* iomadamhail fé chearcaibh. Áit mhaith lámhaigh seadh an drom soir tá log cearcach ann: áit go bhfuil cuid mhaith cearc fraoigh lé fagháil. Chonnac eatrainn mhór chearcach ar chúl na h-iothlann ann: clós feirme go raibh cearca dhá choimeád a's dhá gcothughadh le haghaidh socair.

cearcal: *f.1.* boghaisín, fáinne, cuar, timcheallán, fonnsa, cródh; an rud cruinn a bheadh tímcheall cinn duine; leirg fé choim fleisce cuair (cruinne) a bhíos cómhfhaid in aon bhall ó phoinnte i gceartlár istigh. Cearcal fairsing seadh Ráth na Gráige: leirg thalmhan chruinn go bhfuil dríodar falla 'n-a tímcheall. Cómh suaidhte sin tréis na hoidhche go raibh cearcala (cearcail) tímcheall a shúl: boghaisínidhe: rianta cruinne. Dhein sí cearcal d'éadach agus bhuail ar a ceann é fén gcalán bainne: éadach a's crot cruinn curtha air. De shaghas éigin tuige láidir agus é scoilte 'n-a lár síos dob eadh na cearcail do cuirtí ar bholg shoitheach na maircréal: fonnsaidhe. Chídhfeá rian mórán cearcail fós mar a mbíodh áitreamh na seanaicme: mar bheadh an fotha a bhíodh fútha agus é cruinn mar fháinne. Déanamh cearcail (cearcala) atá ar na púicínidhibh go dtugtar cruiceóga beach ortha: déanamh cómhchruinn. Cearcal na súl: an fhleasc cómhchruinn atá idir faobhar na súl agus an mac iomruisc. Caitheadh sí cearcail óir ar a righthibh: órnáid chruinn den láimh lastuas den gcrobh. Thairng duine éigin cearcal le blúire chipín ins an ngainimh agus dubhradh dul ag troid lé chéile isteach ann: síog chruinn.

cearcalach: *a.* comhchruinn, fe fhonnsaidhibh. Bhíodh tigh cearcalach i lár na faithche go bhfaghadh lanamha slighe istigh ann: tigh cruinn agus ceann air mar tón báirnigh. Áiteanna cómhnaidhthe cearcalacha dob eadh na ráthanna: déanamh cómhchruinn ortha. Arus cearcalach seadh soitheach, corcán: arus go bhfuil tímcheall aige.

cearchail: *b.2.* (*iol.* –idhe) raidhlse láidir adhmaid nó iarainn a bhíos treasna fé lochta chun a chongbhála anáirde: fraigh tighe, taca sínte ar a fhaid chun cinn tighe do thacadh. Níor fágadh sa tigh ach na cearchailidhe: scuabadh chun siubhail na billeóga úrláir a's lochtaidh. Dá mbeadh an nidh atá uait fé chearchailidhibh an tighe ní bheadh t'eiteach agam: fá (fé) iadhadh an tighe in aon bhall soifheicse nó doifheicse, i bhfios nó i nganfhios. Tigh ná fuil ann ach na cearchailidhe go mbeadh dochma ort dul isteach ann: tigh fuar follamh gan aon troscán. D'fhás sí n-a cearchail go mbeadh ort féachaint uait anáirde uirthe: árd, caol, scaoilte. Nách diaill an chearchail fir atá déanta dhe, tá sé glan sé troighthe cheithre hórdlaighe: iongtas le haoirde é. Cearchailidhe iarainn ar fad a cuireadh in úrláraibh na luinge: na bíomaidhe nó na saileanna is mó lé rádh fé úrlár. Teine mhaith seadh na cearchailidhe portaigh sin: fuighleach na gcrann gan géag gan duilleabhar. Cearchail mhná: bean mhór scrothaidheachta, chnámhach. Cearchail fir ná faghfá ádh ná ealadha air, ná fiú focal den gcainnt: fear gan aon tabhairt amach ann: fear dúr, dochma, gan seódh gan greann. (**creachail**, freisin).

ceárd: *b.2.* gairm (bheatha), slighe, gliocas nó clisteacht ruda do dhéanamh, feidhm, nós, gnóth: clisteacht, gaisce, pionnsa: meabhraidheacht, gaois. "Is dócha gur ghoill bás a mhic air" – "tá a cheárd déanta aige ar an mbás anois agus is mithid do": tá an oiread san fachta bás dá mhuinntir agus go bhfuil taithighe mhaith aige air. Ní chuireann sé aon náth mhór bheith ag goid uaidh tá a cheárd déanta aige air: dulta i dtaithighe rud bheith dhá ghoid uaidh. Ní bhainfeadh mo dhícheall an glas den gcófra, bhí ceárd éigin air nárbh eól

dom: cleas éigin discréideach. Níor mhór duit ceárd do bheith ar chonnus cuil do chaitheamh i gceart nó ní bhéarfadh aon bhreach choidhche ort: slighe riachtanach áirighthe. Teasbáin dom uair amháin eile connus cleas na dtrí gcártaidhe do dhéanamh a's beidh an cheárd agam féin: an chlisteacht 'san luas méar. Is gránda an cheárd ar bhórd bídh itheadh róthapaidh: an béas. Ar bhfeicsint rud dhá dhéanamh nó déanta go maith b'oireamhnach an carbhall a chaitheamh leis: "sin í an cheárd": an tslighe go bhfuil clisteacht agus deallramh ag baint léi. "Faid mhairir go mairidh do cheárd" (go mairir do droichbhéas) deirtear san le duine go mbíonn rud gránda, nó míbhéasamhail déanta aige, mar sillidhe do chaitheamh ar an úrlár, nó cainnt gháirseamhail do rádh. Ní duine gan ceárd do dhein an seastán nigheacháin sin, is é atá go greanta: ní duine dall ar eólas a dhéanta. Cuireadh le céird é a's é an-óg: ceangladh le coingheallaibh é le duine áirighthe chun gairm bheatha d'fhoghluim uaidh. Duine bheith ag déanamh an ruda chéadna go rómhinic a's ná taithneóchadh sé leat déarfá: "go leanadh do cheárd duit", "nár chaillir do cheárd". Ceárd an domhain d'imir sé ar cheapadh an scéil: eólaidheacht, meabhraidheacht chliste chun críche agus slachta do chur ar an rud a bhíos dhá dhéanamh. Ní raibh aon cheal céirde ar an té a thóg súil an droichid seo: do bhí a dhóthain eólais ar a chumas aige. Gach aonne ar a chéird féin: is ar an rud go mbíonn taithighe ag duine nó a gharimbheatha is feárr é, nó gur di amháin atá sé oireamhnach. "Gabha na gceárd", croidhean áitrighthe i seanscéaltaibh nárbh fhéidir teacht anuas air lé n-a fheabhas agus a chlisteacht chun gach aon rud deacair do dhéanamh. Fág fé "Ghabha na gceárd" an t-uisce do chur as an bhfalla: ceárdaidhe cliste nó tuata a leigeas air an uile eólas do bheith aige. Níl aon cheárd ar iascaireacht ach taithighe: rud nách deacair do shaothrughadh nó d'fhoghluim. Imir ceárd anois ar an uaireadóir sin do chur ar siubhal airís: bí ar fheabhas do ghnímh. An bhfuil aon cheárd bheatha aige ach a dhá lámh 'n-a phócaidhibh? an bhfuil aon ghnóth lé déanamh aige? connus mhaireann sé? Níor mhór duit do cheárd do bheith go maith agat nó raghfá amugha i gcathair mhóir: bheith praitineamhail deighmheabhrach. An cheárd ar fad atá aige ar cheól do bhaint as an bpianó: an tsáreólgaiseacht atá aige trí chleachtadh nó atá aige ann féin. Chuaidh fir chéirde an Daingin go léir ar stailc, idir ghréasaidhe, shiúinéir, tháilliúir etc.: slighe áirighthe oibre na gnótha ar n-a maireann duine. As a taithighe foghlumuightear an cheárd: feabhas ruda do dhéanamh ní thagann ach lé bheith ag síorghabháil de.

ceárd: *b.3.* oibridhe, gabha, fear a dheárscnas i ndéanamh ruda mar deannaire nó culb; file binn. An bhfuil an cheárd istigh, ní fheadair an dtiocfadh sé a's mo ghluaisteán do chur i bhfearas? eolaidhe, saor. Ní shocróchaidh aonne i gceart an cearcal righe sin ach ceárd airgid: gabha geal. Ceárd criadh a dheineas na háraistidhe búird atá againn: an té a cheapas a's a dhéineas áraistidhe, mar phlátaidhe, bollaidhe etc. as chré. Ceárd óir seadh duine a dhéineas earraidhe as ór: duine a oibrigheas ar ór. Ceárd chopair: gabha copair: fear gurb é a ghnóth áirighthe bheith ag gabháil d'earraidhibh copair.

ceárdachas: *f.1.* ealadha shlachta, stuaim: eolgaiseacht, sáreólas. Ceárdachas crosta seadh na loistidhe greanta san sa doras: caitheadh sáreólas doimhin lé n-a ndéanamh. An ceárdachas a bhí ar fadhairt do chur i gcopar tá sé ag dul amugha orainn: an ealadha. Ní gan mórán ceárdachais do cuireadh lé n-a chéile long leathchéad míle tonna meádhachana: stuaim: inntleacht chruthuighthe. Ní baoghal ná duine gan eólas thu ní thuigir ceárdachas scríobhtha scéil: ealadha chliste, an comar slachtmhar agus an

mheabhraidheacht riachtanach chun scéil iontsuime, soiléighte, thaithneamhaigh do dhéanamh de.

ceárdaidhe: *f.4.* duine go mbíonn gairm bheatha aige mar saor cloiche, saor adhmaid, gréasaidhe, tailliúir: cleasaidhe: duine go mbíonn a chláirín déanta aige ar aon rud mar tnúithínteacht, mionghadaidheacht etc. "An tslighe atá an chloch san curtha agat, do laitfeadh sí mise ná aon cheárdaidhe eile mar me": saor: fear go raibh eólas a ghnótha aige. Sin é an droichcheárdaidhe a dhein na bróga annsan agus iad ag tarang uisce: droichdhéantóir bróg. An t-eiligeóir do chuir an ceann ar an sáipéal san cheithre fichid bliadhain ó shoin a's nár thuit slinn ó shoin, an fear go dtabharfainnse ceárdaidhe air: fear go raibh fios a chúirim aige. Dhearbhóchainn nách é aon cheárdaidhe rianta do dhéin an iallait aindeis sin ná luigheann 'n-a ceart: ceárdaidhe go raibh an déantús ceart foghlumtha aige. Ceárdaidhe rianta tighthe do thógaint dob eadh na saoir a thóg na tighthe bríce in Áth Cliath: ceárdaidhe rithte, gan aon easbhaidh ealadhan tógbhála ortha. Aonne fé bhun ceárdaidhe ní haon mhaith chun cruite do cur fé chapall ráis: gan bheith 'n-a ceárdaidhe ceart. Fair an chróg anois ag fuadach na n-ubh agus an fhairghis atá uirthe ar eagla a beartha, nách í an ceárdaidhe í: an cleasaidhe taithightheach. "Ar bhreithnighis é d'iarraidh dighe do shroicheamhaint?" – "a mhic ó, níl aon teóra leis an gceárdaidhe ceart": an té a chuireas roimis bheith cliste ar rud áirighthe do dhéanamh. Bhí lámh ag an gceárdaidhe a dhein an scríobhnóireacht san: duine ealadhanta ar scríobhnóireacht. A cheárdaidhe, ná bí ag cur na gcártaidhe sin i bhfolach: a chleasaidhe. Riamh riamh ceárdaidhthe ar éitheach dob eadh lucht poilitidheachta: daoine cliste ar an éitheach do cur 'n-a fhírinne ar an gcoitchiantacht. Ceárdaidhe slachtmhar a dhéanfadh clog a mhairfeadh dachad bliadhain: eólgaisidhe thar barr.

ceárdaidheacht: *b.3.* ealadhantacht, eólgaiseacht, deismireacht. Mo thruagh é, tá sé gan ceárdaidheacht, cá bhfuil a eólas ná a thaithighe? an tslighe cheart chun ruda do dhéanamh: cur eólais i bhfeidhm chun inntin áirighthe do shroichstint: neart rud do dhéanamh nách múineann an dúthchas dúinn. Rud nádúrdha seadh siubhal, ceárdaidheacht seadh rinnce. Ceárdaidheacht bheag seadh stól do dhéanamh: ní mór an t-eólas fachta is gábhadh chuige. Ní gábhadh an cheárdaidheacht ar fad do chaitheamh leis an gcathaoir, déanfaidh ceann réadhchúiseach mo ghnóth chómh maith: deismireacht, slachtmhaire.

ceárdamhail: *a.* deaghchúmtha, deaghcheaptha, glic, ealadhanta. Sráid áirighthe go ndéintí culaitheanna ceárdamhla d'fhearaibh ann dob eadh Sráid Ghraiftean: culaitheanna go mbíodh déanamh taithneamhach, nósmhar ortha. Connus cuireadh an ceann ceárdamhail sin ar an bpíp a's a shaoire atá sí? ceann cúmtha ar shlighe ná beadh ach i ndiaidh duine go mbeadh eólas ceart aige ar shuaithinseacht nó greanadh neamhchoitcheann do chur air. D'fhaireas méireannta caschroicinneach an tseanduine ag gluaiseacht go ceárdamhail i ndeisiughadh an lín go tric, neamhthuisleach: ealadhanta: eólgaiseach. Dá bhfeictheá an chuma cheárdamhail 'n-ar iomchair an sionnach an ghé, caithte de dhruim a shlineán thosaigh: slighe chliste. Tógbháil neamhcheárdamhail seadh an tigh céadna ach é bheith láidir: níl críochnughadh slachtmhar air mar bheadh i ndiaidh cheárdaidhe. Níl aon ainmhidhe ceathairchosach is ceárdamhla 'ná an sionnach, ach mar bhfuil an dobharán lisleathan: chómh glic: an oiread cleas bheith aige ar éalódh.

ceárdamhlacht: *b.3.* stuaim, ceapuighthe go healadhanta, clisteacht. Ní raghadh a oiread ó n-a cheárdamhlacht: deirtear so lé duine gurb eól do rudaidhe do dhéanamh go cliste: bheadh gach aon nidh, fiú amháin an rud budh shuaraighe déanta go maith eólgaiseach aige. Is deacair an cheárdamhlacht atá ag baint lé déanamh seóil d'fhoghluim toisc a acharnaighe: an comar nó an tslighe lé meabhraidheacht atá lé n-a dhéanamh. Ara, mhuise, tá ceárdamhlacht ar an gcláirsigh seo, an t-adhmad greanta a's an chaoimheacht áluinn: críochnughadh slachtmhar, taithneamhach.

ceárdán: *f.1.* cabhail chnotálta gan mhuilirtidhe ná muineál.

ceárdcha: *b.5.* an tigh go ndéineann an gabha a chuid oibre ann. Beir ag cur uirthe agus ag cur uirthe go mbeidh sí 'n-a teine cheárdchan agat: teine mhór dhearg, the. An bhfuil teine thíos? tá, mhuis, teine cheárdchan: teine a dheargóchadh iarnaidhe lé n-a feabhas. Ní déarfainn ná go bhfuil an cheárdcha ón gcapall san, níl fé ach na sleagáin: teastuigheann cruite uaidh. "Cár chualaidís an scéal ait sin agat?" – "chuala sa cheárdchain é": níl ann ach ráfla. A dhá gruadh mar chrithir cheárdchan lé sláinte a's áilne: dath na spréach dearg ag léimeadh as an dteallach lé séideadh na mbolg. "Beir 'on cheárdchain é!" deirtear go searbhasach i dtaobh ruda bheadh briste, curtha ó dheisiughadh ag duine. "Tá sí mar bhéarfá s an gceárdchain í" deirtear lé húirlis bheadh déanta go canta.

cearn: *b.3.* árus cruinn mar bodhrán, tón de sheithe caorach ann agus fora go n-aoirde cheithre n-órdlach nó mar sin, clúduighthe leis an gcroiceann céadna. Is é áis a bhíos di olann do n-a roithléithidhibh do chongbháil uirthe le haghaidh a sníomhtha.

ceárnach: *a.* buacach, caithréimeach. Cónall Ceárnach: Conall go mbíodh an buaidh chómh minic aige: a dhéineadh ár do-áirighthe ar a namhaid.

ceárnach: *a.* ceathairchúinneach comhthrom: cúinneach: bearach. Gort cearnach é seo go bhfuil an tigh ann: gort go bhfuil cheithre cúinnidhe ceart-uileannacha air.

ceárnadh: *f.1.* do dhéanamh conncais ar: forlámhas do ghabháil ar: creimeadh, ídeach, idiughadh. Budh bheag é géilleadh Shasana dhúinn a's sinn lag, ach ghár gceárnadh lé cloidheamh a's forlámhas a's ghár ruagadh thar lear: ghár gcoscairt. Shaoil sí go raibh an ceárnadh críochnuighthe aice orainn, ach ní raibh, chuireamair troid eile uirthe: go raibh conncas iomláin déanta aice. Budh mhór an ceárnadh ar fheóil do dhein sé, gur ith sé trí púint mairtfheóla: an tomhaltas: an t-itheadh. Cad mar gheall ar an gceárnadh do dhéanfaidh loingeas aoir lé linn chogaidh ar an bpobal coitchian? an t-ár gan truagh. Lé méid a ghrádh di bhí a chroidhe dhá cheárnadh aice, a's gan aon áird aice air: a chroidhe dhá chaitheamh le grádh gan ghradam aice. Níor ghoill an ceárnadh do dhein Railí ar na Spáinneachaibh ag Dún an Óir nuair díthdeannuigheadh na mílte aca lé n-a órdughadh ar choguas Shasanach: an t-ár gránda, neamhdhaonna: léirscrios gan scropall.

ceárnaim: *b.a.* léirscriosaim, coscraim, ithim, crádhaim, cnaoidhim. Ceárnann mo ghrádh an croidhe ionam, mar is beag uirthe me: caitheann an croidhe ionam lé grádh gan

combáidh. A raibh d'fhiadhannaibh annso ceárnadh fadó riamh iad, ní raibh ceann le céad bliadhain ann: marbhuigheadh iad: coscradh iad. Ní bheadh aon mhuinghin aige as an aicme iargcúlta a bhuail uime in alltar na dúthaighe ná gceárnóchaidís é féin 'sa mhuinntir: iad do mharbhughadh i bhfuil fhuar dá bhfaghaidís an chao.

cearnóg: *b.3.* ceathairthaobhach, ceathairchúinneach, codrom, fíoghair nó dealbh ceathairchúinneach: leirg fhollamh i lár cathrach nó baile déanta ge dó nó trí shráideannaibh do theacht treasna ar a chéile: duine mór, leathan i gcáilidheacht a aoirde. Ceatharnóg Mhuirbhthean, cearnóg Pheáirneil dhá leirg mhóra in Áth Cliath. Ceal suaidhte cuirp agus biadh maith do thug do bheith 'n-a chearnóig: trom, beathuighthe, leathan. Léan air! Tá cearnóg ar fad ag déanamh de d'fhear a bhí caol scaoilte tamall gearr ó shoin: aindeiseóir: duine feólmhar míochúmtha.

cearramansaidheacht: *b.3.* ceanndáine a's aiteas, crostacht, treasnálaidheacht, contráltacht. Cearramansaidheacht an óil budh bhun lé haon achrann do bheith eatartha mar síth a's greann dob eadh iad go rabhadar óltach: an t-aiteas, an míréidhteach a leanas é. Chómhairligheas do céad uair fanacht istigh ón stoirm, acht ní dhéanfadh san é gan a thoil féin do bheith aige a's cailleadh sa tsneachtadh é lé n-a cearramansaidheacht: ceanndáine: aiteas. "Cuir uaim an chearramansaidheacht", ar seisean léi agus abair, "pósfad" nó, "ní phósfad": corracht: aiteas: bheith bun os cionn: neamhfhonn teacht lé duine. Tigh an óil tigh na cearramansaidheachta: ragairne a's gleódh a's easaontas: tigh gan síothcháin, gan ceannsach.

cearrbhach: *f.1.* imirtheóir a chuireas a chuid i dtreis cártaidhe nó dríslidhe lé hinntin seachas sughchas nó caitheamh aimsire: duine gur b'é a ghairm imirt chártaidhe: imirtheóir cliste. "Súil le breith do chailleann cearrbhach" (seanfhocal): an té go mbíonn mianach na himeartha ann bíonn sé ag cur síos agus ag cur síos go deireadh na scríbe. Cé méid cearrbhach go scúghfad cartaidhe dho? imearthóir. "Ní cearrbhach maith go cailleamhnaidhe maith": an áit go mbíonn cearrbach an mhianaigh chirt ní chuireann cailleamhaint aon bhráig air. Chuir sé geall go siubhalfadh sé go dtín Talamh Naomhtha, go n-imreóchad liathróid ar fhalla Ierusalem agus go mbeadh thar n-ais in áirighthe aimsire, a's níor dhein riamh é ach cearrbhach ceart: fear go raibh spirid cheart na ngeall ann. Níor airighe "súil an chearrbhaigh i ndiaidh an dhísle" ná mo shúil dá fhaire, an bitheamhnach: an dá shúil ag faire an uile chor.

cearrbhachas: *f.1.* geallchur, imirt ar airgead nó ar luach nó geall airgid. Cuireann an cearrbhachas an tinn ar fhurmhór an dreama a bhíos tugtha do chur na ngeall: iomad airgid gan géilleadh don gcailleamhaint do bheith dhá shíorchur síos. Cearrbhachas capaill, cártaidhe a's cuite a chuir deireadh leis, gur iompuigh a chailleamhaint ar ólachán é: ag cur geall go rabairneach, neamhaireach go méadóchadh sé a mhaoin. Is é sin an droichchearrbhachas a bheith ag brath ortsa nár chóimhlíon t'fhocal riamh: imirt bhaoth lé súil beartha.

cearrbhas: *f.1.* craos dighe, cómhól, póit, ríorá; ól go flúirseach a's go sultmhar. Thugamair an oidhche as lé cearrbhas go dtí ná raibh aithne ár mbeart ag aonne againn ar theacht na maidne: ól trom, ragairneach. Ar an ngleódh go léir a bhí ag teacht ón dtigh do

bhí cearrbhas éigin ar siubhal ann: ríorá nó seódh a's greann mór. Mara mbeadh an cearrbhas ní bheadh a chnámha ag dul i gcré chómh luath 'n-a shaoghal: an t-ólachán a's an scléip 'san caitheamh gan chuimse. Lucht cearrbhais dob eadh an Boc Faellidhe 'sa chómhluadar: dream a chaitheadh cuid mhór dá saoghal lé hól a's imirt. Chuaidh sé ar cearrbhas mí: meisce a mhair mí.

cearrbhasach: *a.* tugtha don ragairne, do phóit, don gcuideachtain, neamhmheasardha, imearthach. "Ag dul i gcearrbhasaighe atá an dúthaigh", ars an seanmónaidhe, "agus mara staontar de beidh daoine póiteamhla, míriaghalta 'n-ár measc: i scléipighe, luighte le hólachán a's ragairne. Saoghal ró-chearrbhasach dómhsa do chaitheann sé amuigh de dhruim oidhche ag imirt chártaidhe 'sag póitireacht: neamhstuidéartha, gan aon riaghail maireachtana. Ní oidhche ghrinn ná chaitheamh aimsire a dhein an bhainis aca ach oidhche chearrbhasach, a raibh siar 'saniar ann ag amhrán 'sag rinnce 'sag ól: oidhche go raibh gach aonne caithte a's luighte gan srian cun scléipe.

ceart: *i gcómhfhocalaibh* cruinn, beacht, gan cháim. Ceartaos *f.1.* (*iol.* ceartaoisidhe) beithidheach 'n-a dara bliadhain. Ní bhfuair sé bás go raibh ceartaos maith aige isteach 'samach le chúig bhliadhnaibh déag a's trí fichid: sé sin go raibh sé in aois go mbeadh súil ag duine leis an mbás nó ná beadh iongadh tríd ar dhuine é do theacht. Go deimhin is mithid do pósadh, tá ceartaos maith tagtha dho: tá sé in aois a phósta gan dearmad. Ceartlár *f.1.* fíorlár, an lár atá chómhfhaid ó aon bhall a háirightear nó a bhíos i dtreis. Buaileadh an peictiúir i gceartlár an úrláir mar a mbeadh radharc glan ag gach aonne air: i bhfíorlár: cómhfhaid ós na fallaidhibh. Thiar i gceartlár na bóchna do bhuail "an tSisíle" 'n-a luing thréigthe leo: i bhfad Éireann ó aon talamh annso ná annsúd.

ceart: *f.1.* cóir, cómh, comhthrom, cion dréir dualgais, dualgas: buannacht, an tslighe chóir: an rud cóir: an mhéid dhleaghthach, an mhéid ghnáthach: díreach. Tugtar mo cheart dom agus ní bhead ag gearán ar a luighead atá ghá fhagháil agam: an méid is dual dom: an méid atá ag dul dom dréir comhthruim. Is é mo cheart-sa glaodhach orm ar dtúis, mar is me is túisce tháinig: dréir fírinne: dréir córach: dréir dlighe: dréir céille. Ní ceart dom cuid mo chómharsan do ghabháil chugham féin: níl sé dréir dlighe na córach, ná riaghalach, ná ionnracais. Chun a chirt do thabhairt do, ní thógfainn air é chur amach mar bhí sé tarcuisneach leis: comhthrom: an rud atá tuillte aige. "Déintear ceart don bhfear so", ars an giúistís, "cuirtear a chúis ar athlá go mbíonn dligheadóir cosanta aige": tugtar dréir mar tá ceaptha ag dlighe na talmhan do. Muna bhfaghaim ceart déanfad ceart dom féin d'bhur n-aindeóin: an rud atá ag dul dom – mo chion dréir nóis, ráta, córach nó dlighe – bainfead féin dom féin é. Ní bhainim aon cheart dem chlainn, táid imthighthe ó smacht orm: ní féidir liom iad do riar mar ba dhual d'athair nó do mháthair. Teanga seadh an tseanGhaedhilg nách féidir lé duine gan eolas ar an nGaedhilg do bheith aige aon cheart do bhaint di: í d'fhoghluim go hiomlán. Fear seadh mise nár leig mo cheart le haonne riamh agus beidh mo chion anois, leis, agam, rogha an mian libh é do thabhairt dom nó gan a thabhairt: nár leig d'aonne an rud atá ag teacht chugham do mhealladh uaim lé cluainireacht ná lé lámh láidir: pioc eagla níl agamsa rómhat níor leigeas mo bhuille lé haonne beartha: aonne riamh a bhuail me do bhuaileas é: bhaineas sásamh de. Níl aon fhonn cocaidheachta nó argóna orm leat fágaim an ceart agat: ní dhéanfainn a thuilleadh treasnála ort ar son síothchána. Fear tusa go mbíonn an ceart i gcómhnaidhe

aige, a's nách maith a rádh ná bíonn: duine ceanndáine: toilteach. Dá mbeadh an ceart aige chugham is tapaidh a déarfadh sé san: dá mbeadh cóir; comhthrom; ionnracas; cóibhéis; díreacht; firinne. Budh cheart gan ach dhá roinnt do dhéanamh den tseilg óir ná raibh chúiche ach beirt: b'é an rud ionnraic, díreach do dhéanamh. Cad é do cheart-sa chun na hoidhreachta so? buannacht áirighthe, éileamh? "Gur me an té is giorra don marbh agus is é mo cheart di í ar fad": mo chion, an chuid atá ag teacht chugham dréir nóis agus dlighe na talmhan. Daoine dána dothuigseana is deacair an ceart do chur 'n-a luighe ortha: a áiteamh ortha nách aca atá an taobh díreach. Cad é do cheart ormsa go gcuirfeá iachall orm an páipéar so do shighiniughadh? buannacht, teann. Ní ceart é suainseán na gcómharsan, cúiteamh a gceart as: is mór é a gceart cúitimh: cómhthrom, ionnraic: ag dul dóibh mar thárlamh: an bhuannacht atá aca ar an gcúiteamh. Chun an ceart do bheith 'n-a cheart budh cheart dom rud éigin d'fhagháil as an airgead do fuaireas amugha: dlighe an ionnracais do chóimhlíonadh n-a iomshláine. Mo cheart-sa fanacht ag faire anocht, dheinis-se foraire airéir: is é mo dhualgas-sa é. Is é ceart beartha an mhic is sine an talamh d'fhagháil: an rud atá dual do dhuine dréir a bheartha, do leanamhaint an dlighe 'n-a thaobh. Ceart catha ag Éirinn ar Shasana aon lá: dleaghthach d'Éirinn dul ag troid léi gan ceannairc do luadh léi. "Claoidheann neart ceart" (seanfhocal): is minic nách maith do dhuine an ceart do bheith aige, ná géilltear do. Ní bhronnfadh na Cómhachta Móra ceart cogaidh ar aon taobh aca ag troid sa Spáinn: ní admhóchaidís ná gur mar a chéile iad a's foghlaidhthe bealaigh. Níl ceart na Gaedhlinge agat fós ach beidh, tá feabhas ag dul ort: níl feart na teangan agat: níl sé ar do chumas an áis cheart do bhaint aiste fós. Mara mbíonn ceart dom, ceart duit san imirt seo in ionad calaoise, eireóchad aiste: comhthrom coitcheann. Dhein an fear cirt éagcóir orainn nuair thug sé poc shaor don mbuidhin eile a's gan aon chúis ar aonne againne: an té a bhíos toghtha chun réidhtigh do dhéanamh idir dhaoinibh nó buidheanta in iomaidheacht nó i gcomórtas: fear déanta cirt. D'fhan cuid mhór airgid aige i gceart a mháthar tréis a báis: an sealbhas a bhain go dleaghthach léi. Níor cheart aige leanbh d'fhágaint 'n-a aonar sa tigh ist oidhche, cá bhfios do cad é anmhóin a thiocfadh air lé huaigneas: níor chuibhe é: níor thuisgeanach ná fuaimeantamhail é. Mara bhfuil do cheart bídh 'n-a mhéid a's n-a fheabhas cuir in iúil é: an méid atá ag dul duit agus an mhaitheas, an cháilidheacht, an rith, an fhóghantacht. Ná bíodh aon chnáimhseán ort tá ceart fir agat oiread a's tá agamsa nó ag aonne eile atá i dtreis: cion fir: dóthain aonne. Déarfainn go raibh a cheart caithte aige, ní raibh sé glas ar an meidhréis a bhí 'n-a shúil: oiread dighe agus nár mhaith do a thuilleadh. Casadh duine éigin amhrán anois, a chuideachta, tá ár gceart rinnce againn: go leór rinnce: gan easbaidh. Má dhein aonne a cheart oibre i rith a shaoghal dhein seisean é: a chion: cuid mhaith: oiread agus nár chóir bheith gearánach. Níl aonnidh bhíonn ar siubhal ná go mbíonn a cheart aige dhe: oiread le haonne: a lámh sáidhte i ngach aon ghnóth. Beidh ár gceart suilt againn i ngach cuideachtain: ár gcomhthrom aoibhnis. Budh dhóigh liom go bhfuil bhur gceart magaidh déanta agaibh fén aindeiseóir, ag gáiridhe 'sag fonmhóid 'sag tabhairt tarcuisne dho: oiread a's gur mithid stad má tá aon mheas agaibh oraibh féin. "An bhfuilir sásta fós?" – "sásta, níl mo leathcheart agam fós": is fada buidhe ó bheith sásta me. Is maith an ceart dom cabhradh leat mar nár eitighis do chabhair orm riamh: is é mo dhualgas é. "Oiread agus uair chluig oibre ní dhéanfadh sé d'aonne ó tá sé neamhspleádhach" – "b'olc an ceart do san, is iomdha duine a thug lámh leis": ní cuibhe dho é do dhéanamh: is olc an mhaise uaidh é: ní cúiteamh cóir ná ionnraic é. Dob fheárr an ceart duit cabhradh leis an laige 'ná bheith ag tromaidheacht uirthe: budh

ghalánta go mór: is cuibhe thaidhbhseóchadh sé uait. “Céaca is cirte a rádh, dar liom go bhfuil nó dar liom, tá?” céaca is lugha go bhfuil earráid nó locht nó ceal ag baint leis. Budh chirte dhuit go mór dul abhaile dhuit féin i mbun do chúirim ’ná bheith ag siléig annsan gan gnóth ar thaobh sráide: is ar is mó bheadh deallramh: b’é budh thaithneamhaighe: is air is lugha b’fhéidir locht d’fhagháil: b’é budh dhualgaisighe. Innsse an scéal, a dhuine sin, ó’s tú go bhfuil sé i gceart agat: fírinne an scéil mar thárla go beacht. Nílir i gceart fós, teastuigheann hata nuadh uait lé dul leis an gculaith nuadh san: nílir gabhtha in iomláin. Tiomáin leat anois, táim i gceart: socair im shuidheachán mar oireann dom, nó réidh le gluaiseacht. Dá mbeadh an lóchrann i gceart ar an bhfalla ní thuitfeadh sé: ar an gcuma is fearr go bhfanfadh sé ann. An bhfuil an dán i gceart anois agat? – táir tamall maith ag gabháil de: an bhfuil sé tuigthe agat, nó de ghlanmheabhair. Bíodh an clog san i gceart agat sara scaoilir as do láimh é: socruighthe, gan locht, gan máchail. Dá mbeadh ceart le fagháil is mithid na príosúnaigh do scaoileadh: dá ndéintí an rud cóir, macánta. Níl aon bhróg ag dul ort ’n-a ceart, an bád ag gluaiseacht ’n-a ceart, an ghaoth ag séideadh ’n-a ceart chun siubhail do bhaint as an luing; an eochair ’n-a ceart sa ghlas chun é bhaint anuas; an chos ’n-a ceart sa sciain; an peictiúir ’n-a cheart ar an bhfalla; an bóna ’n-a cheart fém mhuineál, an beathuisce ’n-a ceart gan iomad baiste: san gcuma nó ar an gcuma gur féidir bheith sásta le. Lé ceart is leat-sa an talamh, mar is tú oibrigh é: dréir comhthruim; dréir cóibhéise. Neart gan cheart do thug talmhaintidhe ár sinnsear dos na tighearnaidhibh talmhan: talmhaintidhe gan buannacht aca ortha ó shínsear, ná trí cheannach, ná margadh, ach do bhaineadar a sealbh amach lé cómhacht. Béarfad i láthair an chirt thú mara staonair de bheith ag cúlchainnt orm: cuirfead an dlighe ort: seirbheálfad chun cúirte thu. Leig do, ná buail airís é, tá a cheart aige: bualadh dóthanach fachta aige. Thiocfí tharais an ngarsún san lé n-a chlisteacht a’s lé n-a inntleacht dá bhfaghadh sé a cheart scoláireachta, ach ní raibh sé riamh tar paróiste amach: an scoláireacht budh chóir do thabhairt dá lithéid go mbeadh ceann maith air. “Is fadó d’imthigh ceart as an saoghal”, “fuair ceart bás”, deirtear so nuair thárluigheann rud éigin éagcórach nó go ndéintear lámh láidir ar dhuine lag, nó brabúch amuis nách féidir do dhíoghal. Níor tógadh sa Gárdaidhibh é, mar ná raibh sé an aoirde cheart, órdlach íseal do: an aoirde riachtanach. Níor ól sé as an mbuidéal ceart mar d’órduigh an dochtúir do: an buidéal oireamhnach do. Mharbhóchainn lé fonn ceart é, do bhí an oiread san gráin agam air: fonn iomlán. Ná bíodh ach a cheart grin san mbarracht san nó beidh sí rólag: an méid grin, gan fé nó tharais, atá riachtanach don mheascachán. Obair seadh í seo ná fuil a ceart tuarasdail ag dul léi: díolaidheacht dréir a duaidh. Labhair an bheart i gceart: ríomh an gníomh go fírinneach. “Gháir gach aonne fúm nuair chuireas mo cheann thar doras” – “agus an ceart chughat ’san clódh aisteach do chuir an hata san ort”: ní raibh aonnidh eile tuillte agat ach magadh fút. Bí i gceart anois nuair théidhir chun labhartha i láthair na ndaoine: bíodh cuma ort agus tagadh cainnt uait a thaithneóchas leo. Chonghaibheadar aca féin iascaireacht bradán, mianach na talmhan, seilg na sraitheann mar cheart: uirdligheadh: cádhas: neimhtheas: príbhléid: brabúch no bail áirighthe. Mara bhfuil mo cheart gáiridhe déanta agam fén aisteóir sin, ní lá fós é: anchuid Éireann gáiridhe. Nuair d’órduigh an príomhthaoiseach é do sciúirseáil gan é daortha do thagair sé ceart na dlighe don Rómhánach nár chuibhe déanamh mar sin do: búntáiste áirighthe. “Caithfear an ceart do shuidheamh go neamhleithleachaiseach”, ars an t-árdbhreitheamh a’s é ag agall an choisde i gcúis marbhtha, d’fhonn a’s ná beadh aon mhíothuigsint ar aonne aca i dtaobh a ndualgais don gcoitchiantacht: cúiteamh do chur i bhfeidhm: a chomhthrom dréir mar tá

léirighthe ag dlighe na talmhan do chruthughadh. Ní fada ón gceart tu: nílir i bhfad ón áit atá uait: ón bhfírinne, ar an nidh atá dhá rádh agat. Nuair bhí gach aonnidh i gceart 'si gcóir agam, madaidhe rámha, seól, crann a's an uile rud a theastuigh uaim, scaoileas fén bhfarraige: san gcuma 'n-ar oir dom chun muirchuarda do dhéanamh. Tá cóir a's ceart chun an bhleaigeáird do bhualadh nó chun aonne eile go mbeadh béal chómh tarcuisneach, drochmhúinte air: an rud atá tuillte aige: an rud comhthrom do thabhairt do.

ceart: *a.* ionnraic, díreach, cuibhe, iomchubhaidh, oireamhnach, comhthromach, fíreanta. Fear ceart dob eadh an Peáirnéalach, níor chlis sé riamh ar na daoinibh: fear ionmhuinghine: fear díreach. "Tá do leigheas i luibh éigin seachas dochtúir", ars an tseanbhean, "ach an luibh cheart d'fhagháil": luibh áirighthe oireamhnach: luibh shonnradhach go bhfuil sé de bhuaidh aice agus aice-se amháin an leigheas do dhéanamh. "Ar lorg casóige móire thánag le haghaidh an fhuachta" – "is tú tháinig go dtí an fear ceart" – tháingis go dtí an té go bhfuil sí aige agus ná heiteóchaidh thu. Ní ceart goid, rud mícheart seadh é: ní gníomh dréir comhthruim é: rud díobhálach seadh é: ní rud é go bhfuil buannacht ag duine ar a dhéanamh. Labhair ceart agus ná bí ag tromaidheacht ar aonne: labhair gan locht; bíodh comhthrom a's cóir id chuid cainnte. Labhraimís ceart anois agus ná tugaimís cluas de thaobh amháin den gcúrsa so gan an taobh eile do chlos: bímís díreach, neamhchlaon 'n-ár mbreitheamhantas. Uaireannta ní bhíonn sé ceart agus déineann sé rudaidhe gan aon leigheas aige ortha nuair bhíonn sé mar sin: ní bhíonn an mheabhair aige: bíonn an inchinn bunoscionn. Nílim ceart (im shláinte) in ao'chor indiugh, brathaim anmhíoshuaimneasach ionam féin: nílim ar fóghnamh. Dá mbudh fear ceart é ní chongbhóchadh sé an sparán airgid a fuair sé ag dul amugha, d'fhógróchadh sé é: fear macánta. Ní bhfuaireas an scolaidheacht cheart, dá bhfaghainn ní h-ag brughadh chloch do bhein: múineadh maith. Ní rud ceart bheith ag guideachtaint ar do leathghlúin: ní lamháltar é dréir dlighe na heaglaise. Deireadh na seandaoine nár cheart teine to thabhairt as thigh go mbeadh bean ann ag iomchair clainne, gabháil amach malairt dorais 'n-ar ghabhais isteach, gabháil amach gan casadh do bhaint as an meidir dá mbeadh cuigeann ar siubhal, mada ruadh d'fhógairt ar iascaire etc.: nár cheaduigh ráth nó dáileamh na ndaoine é. Labhairt roim t'uain níl ceart agat: níl sé béasamhail ná dréir nósa. "Ar goirtigheadh thu?" – "táim go ceart": níor thárlaidh aon díobháil dom: táim go maith. Ceart nó mícheart is mór an truagh bochtán do chaitheamh amach as a thigh: peaca buannacht bheith istigh do bheith aige nó gan. Cé hé dár ceart labhairt anois? cé hé gurb é a uain labhairt nó go bhfuil cúis labhartha aige. Tá an bhean cheart aige a chuirfeas smacht air: an t-aon duine thar dhaoinibh an domhain. An ceárdaidhe ceart a dhein an troscán, fáth m'fhiafruighthe, ní thaidhbhsigheann sé róchríochnuighthe: ceárdaidhe rithte: ceárdaidhe rianta: duine go raibh an déantús foghlumtha aige. Dóirneálaidhe ceart dob eadh Ó Díomsaigh: duine toghtha go raibh an ealadha aige agus é misneamhail láidir. Níl an t-iascaire ceart gan scian: ní bhíonn sé ineallta go hiomlán: bíonn rud éigin in easnamh air gan í. Seasaimh ceart ar an bhfalla nó tuitfir: aireach, cúramach, gan locht. Uisce ceart seadh uisce Thobair an Chéirín: uisce gan cháim: uisce iongtach lé n-a ól. Fuair sé an braon (deoch) ceart: deirtear so lé duine chídhtear ar meisce, a chialluigheas go bhfuair sé deoch mhearbhaill: nó fuair sé an chuid is fearr di. Ní slinn cheart í sin ar an dtigh sin: droichshlinn. Éist liom, ní dóigh liom go bhfuilir ar an mbóthar ceart (ar an mbealach ceart), ní hí sin bliadhain do briseadh an deaigearaidhe: táir ag tabhairt cómharthaidhthe éigin uait mar dheimhniughadh agus nílid dréir na haimsire atá i gceist.

"An tú Séamas?" – "táim agat go ceart": níl do thuairm amugha. "Bead ann", ar seisean, ceart go leór, bhí: chóimhlíon sé a gheallamhaint: chómh maith, bhí. Ní bheadh Dia ceart mara dtuitfeadh a dhíoghaltas ar lucht an fhoiréigin: díreach, cóir, comhthrom. Cuir ceart na cúntaisidhe sara bhfeicidh an bainisteóir na h-easnaimh atá id chléarcas: cuir iad i slighe go réidhteóchaid lé chéile. "Budh chirte go mór stad", deirtear so lé rud go mbítear ag dul rófhada air: tagrófí é do dhuine a bheadh ag reic a choda, do dhaoinibh a thosnóchadh lé gleáchas a's a bheadh ag éirghe chun a chéile.

ceartas: *f.1.* aonnidh a bhíos ceart, cómhthrom, cóir, díreach, macánta, fírinneach, comhthromacht, cóir, dlisteanas, dleaghthacht. Is ceartas d'aonne é féin do chosaint ar a namhaid: tá sé dleaghthach: beart chomhthrom seadh í dréir Dé a's duine. Faid b'fhéidir le Sasana é, níor thug sí aon cheartas d'Éirinn, ach do shíor ghá géirleanamhaint: aon chomhthrom a bhí ar a láimh shéan sí é. An ceartas, fiafruighim díot, cíos trom do bheith ar thighthibh dhaoine bocht? an cóir é: an bhfuil sé dréir cóibhéise? Roinn an mhírdéirc lé ceartas, ná bíodh breis ag cuid agus luighead ag cuid eile: roinn go codrom: dréir mar atá ag dul do gach aonne as a bhochtanacht tugtar do go géilleamhail. Leig dom féin leis, níl fear ar m'eólas go bhfuil oiread ceartais ag baint leis, thugann sé a luacht do gach n-aon: fíormhacántacht in imtheachtaibh poiblidhe. Ceartas domsa an fearann so óm mhuinntir rómham lé sínsearaibh: níl a bhuannacht ag neach eile: domsa atá sé ag dul go dlisteanach dréir dlighe oidhreachta. Cad é an ceartas atá ag fear thall i Sasana teacht ag iascach bhradán ar m'abhainn-se: cad é an bhuannacht nó an teann atá aige teacht ar mo sheilbhse? cad is bun leis?

ceartchreideamh: *f.1.* daingean-chreideamh. Ní raibh puinn eólais aige ar leabharthaibh, ach bhí an ceartchreideamh 'n-a chroidhe, mar nuair bítí ghá rádh leis gurb as an bPápa a bhí a muinghin dheireadh sé: "sé féin (an Pápa) atá": ná féadfadh sé dul mícheart. Is eagal liom go bhfuilir ar fán ón gceartchreideamh, ní théidhir 'chun aifrinn ná órd beannuighthe': nidhthe a cheanglas an creideamh orainn do chleachtadh a's do thaithighe.

ceartchreideamhach: *a.* beacht dréir teagaisc, dréir oirceadail, dréir deachta. An rud ceartchreideamhach duitse do dhéanamh ar nós gach Caitleacaidhe eile, pósadh san eaglais in ionad dul go hárus cláruighthe: folláin, neamhpheacamhail dréir teagaisc. Dubhairt an seanmónaidhe ón altóir ná raibh na leanbhaidhe ag fagháil teagaisc ceartchreideamhaigh sa scoileannaibh chun coimheascair in aghaidh eiriceachta na haimsire atá ann: oileamhaint fhorasta a neartóchadh iad go cródha i mbaramhlaidhibh a gcreidsine.

ceartiarann: *f.1.* fíoriarann, iarann gan cháim; iarann chómh maith lé cruaidh. Ní sheasóchadh aon mhianach eile chómh fada san gan é d'itheadh ag an meirg ach ceart-iarann: iarann gan aon mhianach eile tríd. Ní cuirtear ins na sceannaibh maithe ach an ceartiarann chun gearrtha, a's chun buaine: an chuid is glaine 'sis fearr de.

ceartughadh: *f.* (*-uighthe*) smachtughadh, riarughadh, cóiriughadh, comhthromughadh, socrughadh; deallramh; seiftiughadh: beartughadh. Ní thaithnigheann lé leanbhaidhibh scoile bheith ghá gceartughadh, smíste beag do thabhairt dóibh nó iad do chongbháil tréis trátha: ag cur smachta ortha. Díreach agus an capall ag ceartughadh sa stábla seadh

shatail sé orm a's ghoirtigh mo chos: ag corrughadh chun é féin do chur in ionad cheart nó oireamhnach. Mise a bhéas ag ceartughadh an tighe feasda ó fágadh fém chúram é: ghá riar: ghá riaghalughadh: ghá rith. Níor mhór don aistriúchán san, mar tá dearmhadaidhe ann, ceartughadh do dhéanamh air sara gcuirtear go dtín clódóir é, i slighe a's go mbeadh sé soghlactha: atharrughadh oireamhnach gan locht. Ar deineadh aon cheartughadh riamh ar an gcois bhacaigh úd a bhí aige? ar socruigheadh í: ar cuireadh í sa tslighe a's ná haithneófí aon locht do bheith uirthe? Níor bh'fhada réidhtigheadar lé n-a chéile, mar bhíodh duine aca ag ceartughadh an duine eile: ghá chur 'n-a luighe air nár bh'é an nidh a bhí aige dhá dhéanamh an rud budh chóir: é do dhéanamh ar shlighe eile. An ceartughadh do deineadh ar last na luinge d'iarraidh an leathcheann do bhaint di níor fhan sé, mar d'aistrigh an last airís leis an stoirm: an comhthromughadh chun an luinge do shnámh díreach. Cuireann an t-éadach nuadh san ceartughadh maith ort, ní mór go n-aithneóchainn thu, tháinig an oiread san atharruighthe ort: deallramh ar fheabhas: cuma is fearr. Chuaidh de aon rud do cheartughadh chun dulta tar lear cé gur chuir sé céad rud roimis: do chur chun cinn. Ancheartughadh dhein sé a's breith ar an dtraen ar a luighead aimsire a bhí aige: anbheartughadh: árdobair: seiftiughadh maith. Tiocfaidh a chuma a's a cheartughadh féin airís air lé biadh maith, dá olcas crot anois é: a imtheacht féin: a dheallramh nádúrdha féin. Caitheann ceartughadh na bpáipéar iomad aimsire go mórmhór toisc gur gábhadh gach locht do shocrughadh: na dearmhadaidhe do leasughadh. Ceartughadh breallach do rinne me ar na fromhthaibh, mar ná raibh eolas mo chúirim agam, furmhór na ndearmhad ag éalódh orm: socrughadh nó leasughadh neamhiomlán: teórughadh: deisiughadh.

ceartuighim: *b.a.* 7 *n-a.* socruighim, cóirighim, seiftighim, feabhasuighim: aifrim, iomdheargaim: smachtuighim: géarbhreithnighim: cúmaim, daingnighim. Buachaill ceanndáine ná ceartóchadh gur caitheadh é do léasadh: ná corróchadh as shlighe dhuine eile nó raghadh 'n-a ionad mar budh chóir do. "Ceartuigh", ars an bhean leis an mbuin nuair shuidh sí chun a crúidhte: cuir tú féin i dtreó gur féidir liom tú do chrudhadh. Ceartuigh tú féin annsan: druid as mo shlighe. Ar ceartuigheadh fós an t-airged eatartha, nách aca atá an t-áiteamh 'n-a thaobh? ar socruigheadh a chion do thabhairt dos gach aonne atá ghá lorg. Ceartófar rómhaibh chómh maith agus is féidir, beidh fáilte agus féile dhíbh: cóireófar díbh gan doicheall. Bailigh-se leat ar eagla tú bheith déidheanach, ceartóchad-sa ar shlighe éigin: gluaisfeadsa, déanfad seift éigin chun teacht chun cinn. Ar an imtheacht míchiallmhar atá fé, mo thuairm ná ceartóchaidh sé choidhche: ná feabhasóchaidh sé a shaoghal. Ní túisce thagann focal as mo bhéal 'ná bím ceartuighthe aige: ná chasann sé rud éigin liom: cuireann sé in iúil orm nách mar sin bhíonn. B'é Piaras an fear a cheartuigheadh Sasanaigh, ghá dtraochadh a's ghá ruagadh: smachtuigheadh, a chuireadh ortha fanacht socair. Gheóbhadsa greim fós ortsa agus ceartóchad thu ar mo thoil, mar gheall ar a bhfuil de bhuadhairt curtha agat orm: bainfead sásamh díot: beidh díoghaltas agam. Is é rud a cheartóchadh ar fad san áit anois é, ó tá tigh ann, slighe bheatha éigin do bheith aige: a shocróchadh go daingean ann é. "Ceartuigheann san an cluiche", ars an fear féachta, nuair chonnaic sé an tríomhadh báire breise dhá fhagháil ag taobh: foillsigheann san go soiléir cé bhuaidhfidh. Ceartófar an bóthar san i slighe a's go bhféadfaidh gluaisteáin gabháil ann gan aon duadh: socrófar é nó atharrófar é. Ceartuigh an teine sin, tá an iomad slogtha aice: cuir seift uirthe i dtreó a's go mbeidh sí ag tarang go maith. I dteannta a raibh air cheartuigh cailleamhaint na súl

’n-a mhairtíneach ar fad é: dhein san aindeiseóir amach agus amach de. Bíodh sé ’n-a scéal ceartuighthe eadraibh, gan a thuilleadh argóna: déintear cúrsa críochnuighthe dhe. Shaoileas go raibh gach aon chúig ceartuighthe a’s go bhfanfadh an scéal ’n-a chodladh choidhche airís: socruighthe dréir comhthruim. Ó, táim ceartuighthe agat: ar an locht a bhí orm nó an dearmhad do dheineas chuiris díreach me: is agatsa atá an fhírinne. Tréis a cheartuighthe laitfear airís é: é do chur ar an aiste nádúrdha. Deirir go raibh an cosnach ’n-a thigh féin nuair lámhachadh an marbh, ceartuigheann an fíné eile air sin thú, adeir go raibh sé deich míle ó bhaile: foillsigheann sé nách mar sin do bhí. Ceartuigh do chuid éadaigh ort, a’s ná feiceadh aon do fhlapa ar oscailt mar sin: socruigh: feistigh é mar is cóir ’sis cuibhe. Ceartuigh dán dom: cúm dán asat fein. Ceartuigh an clog san, tá sé deich nóimintidhe luath: cuirtear ar an am fírinneach é. Ceartuigheann an chómhla san rith uisce an mhuillinn, árduightear a’s íslightear í chun an nirt do mheádughadh nó do lagughadh: riarann, riaghaluigheann sí é.

ceartuighthe: *a.r.* socruighthe, leasuighthe, deisighthe, curtha i dtreó: smachtuighthe. Dá mbeidhtí ag socrughadh ruda agus go ndéintí a bhriseadh nó a lat ’n-a ionad san, déarfí le seanbhlas “tá sé ceartuighthe anois”: tá deireadh leis. Tréis dearmhad na ndaltaidhe do bheith ceartuighthe i dtrí adhbharaibh bím traochta amach: na freagraidhe budh chóir do bheith ann ar dtúis do chur síos. “Ní dócha go bhfeicfear choidhche ceartuighthe gach iomard atá ar Éirinn a’s a fhaid atá sí fé smacht a’s éagcóir, ars an té a bhí in éadóchas: go mbeidh sí saor ó gach buaidhreamh atá uirthe. Cuir béalbhach cheartuighthe san gcapall fiadhain sin nó geóbhaidh sé lastuas díot: béalbhach a bhéas láidir go leór chun é do chongbháil fé smacht. Seadh, dá fhaid ag imtheacht lé n-a thoil féin ó tá sé i gcarcar tá sé in áit a cheartuighthe: in áit go gcuirfear iachall air fanacht socair agus go múinfear do a shuaimhneas do cheapadh feasda. Is mithid don bhfear clog an seanchlog úd do bheith ceartuighthe aige: curtha i dtreó go gcongbhóchaidh sé an t-am ceart, nó go bhfuil pé máchail a bhí air leasuighthe. “A pheacaigh bhoicht, thruaillighthe gan do lochtaidhe a’s t’iomarabhais do bheith ceartuighthe agat, is baoghal dot anam”: tréigthe agat agus cúiteamh tugtha ionta. Bíodh do chuid éadaigh ceartuighthe agat sara ngabhaidh tú amach, féach an chuma atá ar bhóna do chasóige, t’ionar gan iadhamh a’s do hata cam ort: bí gléasta go cóir, gan aon locht. Ní bheidh an talamh san ceartuighthe fén oidhche agat dá luighead atá ann agus dá fhaid atáir ag gabháil de, mar níl an tomhas ceart agat: tómhaiste: fios fachta agat cad é an méid talmhan atá ann. Ó, cathain bheidh an saothar so ceartuighthe ar mo thoil agam? cathain bheidh sí fém réir agam; í agam ar chuma go mbeadh sásta go gcríochnóchad í go cóir oireamhnach. Tá an bhean ceartuighthe ar a thoil aige: tá sí clannuighthe aige.

ceartuightheóir: *f.3.* smachtuightheóir, leasuightheóir, riarthóir. Pé hé ceartuightheóir a chuir feabhas ar aiste an phríosúin seo tuilleann sé meas mar dob olc an phrochlais cheana é: leasuightheóir fear feabhasa do dhéanamh. Ná cuireadh sé aon iongadh ort béasa agus meón do bheith ag an gclainn sin, mar bhí smachtuightheóir ’n-a ndiaidh ná feoidhneóchadh aon fhastaoim uatha: fear a chuirfeadh iachall gan aon rud ar an dtaobh amuigh de bhéasacht ná connlacht do dhéanamh. Bhíodh ceartuightheóiridhe measardhachta ghá seanmóin gan sos, ghá chur ’n-a luighe ortha olcas an ólacháin dóibh, dá sláinte agus dá maoin: daoine a bhí d’iarraidh iad d’atharrughadh ón olc go dtín maith. “Ceartuightheóir maith orm seadh mo phóca”: ní gábhadh d’aonne aon eagla do bheith air

go gcaithfead an iomad, mar ná fuil aon ghustal agam air. Ó phós sé tá ceartuightheóir air: tá sé fé bhais chait ge n-a mhnaoi. Ní fadó cuireadh lé ceartuightheóiribh i gcabhlach Shasana: smachtuightheóiridhe, daoine go raibh cómhacht máirnéalach do leasughadh as bhriseadh na riaghalach. Mara mbeadh ceartuightheóir bheith istigh san ineall bheadh an oíle ag gluaiseacht níos tapamhla: fearas a chóirigheas í dréir mar oireann sí.

céas: (**ceus**) *f.3.* bruth an chinn, "an scraith", olann nó gruaig gharbh. Nuair bhí ag dul de dhuine aca aon lámh de dhéanamh ar an mnaoi eile rug sí ar cheus cinn uirthe agus staith chúiche anuas go talamh í: lán a crobh dá folt. Beir ar dhá cheus cinn air nó ar a dhá chluais, congaibh dom é: ar an dá thaobh os cionn na gcluas. Mo thuairm nár bearradh a cheann leis na bliadhantaibh ar an gcéas san air: folt fada trom.

ceas: *f.3.* eagla, iomard, diachair, doigh, doilbheacht, doilgheas. Ceas saoghaluighthe go raibh ort, mara an ort atá an gearán gem chúis: pian mar tinneas clainne go raibh ort! Ceas ort! spronn tinnis go raibh ort (eascainghe gan mórán drochaigne léi). Thagadh slóighte tar lear ón bhFrainnc a's ón Spáinn chun ár gceas d'fhuascailt tráth budh dhéine gall-smacht orainn: an t-iomard trom a bhí orainn. Duine sochroidheach gan chéas sa tsaoghal air pé strus a bhéarfadh air: buaidhreamh aigne. "A Shéamais, chailleas réal indiugh" – "a Thomáis, mo cheas é": mo bhrón é (fonmhóid). Bheadh ceas an domhain orm dul amach fén gcoill agus fanacht ann im aonar: eagla, faitchíos go n-éirigheadh rud éigin dom. D'fhág connradh Shasana-Éireann ceas ar an dtír seo a leanfas í go cionn chúig nglún: iomard: díobháil ná tiocfaidh sí uaidh. "Connus bhrathair, an aimsir seo?" – "níl aon cheas sa tsaoghal orm, a bhuidhe le Dia": aon bhuadhairt: aon tinneas colna. Nuair fhéachaim ó thuaidh ó Cheann Sraithe le buidhiughadh gréine ar Chaisleán an Fhirtéaraigh a's é 'n-a fhothrach fhollamh tagann ceas ar mo chroidhe nách mór, go dtagann deóir im shúil: brón a's duairceas anthrom. Cuireann a pheacaidhe ceas ar an gcríosdaidhe maith: doilgheas croidhe, aithreachas i dtaobh a ndéanta. "An scríobhfá leitir dom?" – "scríobhfad gan cheas": go háthasamhail. Is annamh labhrann sé lé haonne lé déidheanaighe, ní fuláir nó tá ceas éigin tagtha air: doircheacht ar a aigne dos na daoinibh.

ceasach: *a.* dubhach, brónach, dolbhach, gruamdha. Cuireann an áit cuma chéasach air nuair chídheann sé an Ghaedhealtacht ag seargadh an uile bhliadhain: clódh brónach. Ar mh'anam ná beinn níos ceasaighe i ndiaidh báis gaoil dom agus bhíos 'n-a dhiaidh, bhíos chómh ceanamhail sin air: níos brónaighe. Taidhbhsighir anchéasach indiugh, cad é an chiall atá leis, níl gáire ná seodh ionat? dolbhach: in ísle bhrighe. Och, a Dhia, cuir uaim, níl aon chúis agat bheith ceasach, níor chuir aonne as duit: níor deineadh faic leat a dhéanfadh gruamdha thu.

ceasach: *b.2.* bealach nó casán trí bhogach nó go mbeadh rianta ann. Dá gcuirtí gnaiste ar an gceasaigh sin a líonfadh na puill agus na ciseacha déanfí bóthar mín de: líonadh mionchloch ar an mbog-bhóthar.

céasach: *a.* bruthmhar, mórghruaigeach, mothallach, fadghuaireach. Nuair bhíos im naoidheanán bhí aithne agam ar sheanscéaltóir a bhíodh d'iarraidh eagla do chur orainn le tagairt do dhaoinibh beaga céasacha a chómhnuigheadh deireadh sé istigh i sleasaibh 'si

gcomaraibh gleann. Ainmhidhe mór céasach seadh an bheithir: fionnadh fada air. Nuair sádhadh aníos an ceann céasach ar an bpruais tighe scannruigheas, mar ná feaca aghaidh ná eile ach mothall: ceann fadghruaigeach.

ceasacht: *b.3.* monabar, gearán, cnáimhseán, míoshásamh, sprionnlaitheacht, béal bocht. Níl chúis cheasachta ag aonne go mbíonn a chion d'aonnidh a bhíos ar siubhal aige: cúis ghearáin. Is eagal liom id thaobh mara dtugair breis chuairdeann ar na daoinibh, tá ceasacht éigin ortha ná tugair aire cheart dá gcúram sa Dáil: cnáimhseán, míoshástacht. Aonne bheadh i mbun ceasacht an fhir sin do shásamh bheadh obair aige, fiafruighim díot cad leis go mbeadh sé sásta: cnáimhseán: gearán do shíor ná beadh a cheasnaidhe réidhtighthe. Lé ceasacht croidhe leigfeadh sé dho féin bás d'fhagháil leis an ocras: sprionnlaitheacht: ceal fairsinge: scannradh chun an tsaoghail. Ná bodhar mé léd bhochtanacht a's léd easbaidh, dá mbeadh saidhbhreas Éireann agat bheidhfeá ag ceasacht: bheadh an béal bocht ort.

céasadh: (**ceusadh**) *f.* (*-sta*) bás ar chrann na croise, na deárnacha a's na cosa tollta lé tairngidhibh; buaidhreamh mór; peannaid; saothar a's duadh tinnis; bearradh teangan; crádh; gearradh brághad. Aoine an Chéasta: an lá fuair ár Slánuightheóir bás ar chrann na croise trí n-a thairngeáil uirthe. "Aoine an Chéasta is mór an céasadh bainne d'ól, Domhnach Cásca is mór an náire bheith gan feóil" (seanrádh): is mór an pian do cuirfear ar aonne a bhriseas tréanas an bhainne an lá san: ilphianadh: pianpháis: crádh. Tugann an nidh chuireann an dochtúir ar chneadh mo mhuiníl ceusadh an diaill orm, go ritheann freangaidhe tinnis tríom: cnámhphianadh. Nách mór an ceusadh bheith ag feitheamh feadh gach n-uair lé duine adubhairt ná fanfadh sé lé haonne bheadh déidheanach: crádh: míoshásamh aigne. Dá mhéid ceusadh fuair sé ón saoghal, breóidhteacht, bás a chlainne, a's céad rud nách é, níor bhain sé aon chrothadh as: crádh, tinneas agus duadh. Na droichfhiacla atá agam níor éirigheadar díom de ló ná d'oidhche lé mí, ní ceusadh go dtí mar tá fachta agam uatha: tinneas, buaidhreamh dofhulaing tinnis. Thug an máighistir ceusadh dhom an lá céadna mar gheall ar bheith déidheanach, ghá rádh gur drochbhuachaill me, agus gur náire don scoil me: íde bhéil: cainnt fheargach, ithiomráidhteach do thabhairt orm. Trí lá tréis céasta ár Slánuightheóra d'éirigh sé ó mharbhaidhibh: a bhásughadh go piantach ar an gcrois. Fuascailt do dob eadh an bás, is é fuair an céasadh 'on mbreóidhtigh a bhí air: duadh tinnis: diachair fhada throm gan faoiseamh. "Ní féasta (feusta) go róstadh, ní céasadh (ceusadh) go pósadh": dá fheabhas fleadh ní fleadh maith ar easnamh an rósta dá mhéid crádhsaoghail a bhíos ar dhuine a's é singil ní fiú biorán a's é go bpósann sé. Cad é ceusadh nuair chuaidh an phicil shalainn san ngearradh nuadhdhéanta im láimh: freangaidhe tinnis. Ceusadh go deimhin seadh fuil do dhul i ngearradh na feóla: tolladh tinnis. "Bíonn sé 'n-a acht anois ná inneósfaidh aonne againn cé chuimhnigh ar dhul i bhfolach ó scoil" – "ar mo lúidín chéasta", ars na fánaidhthe go léir d'aon ghuth, ag árdach lúidín leó anáirde, "ná deaghfain": go raibh cómhartha fadmharthain orm ghom shíorghiobadh (nath atá ag leanbhaidhibh. Ní heól dom connus tháinig i dtúis).

céasadóir: (**ceusadóir**) *f.3.* ciapadóir, crádhthuightheóir. B'iad tighearnaidhe talmhan na hÉireann na céasadóiridhe ná foidhnigheadh aon mhoill cíosa ó n-a dtrionntaidhibh, ag éileamh 'sag ceasacht ortha: lucht cráidhte croidhe na ndaoine. Scriosadh na hingne dá

mhéireannaibh, cuireadh iarann dearg ar a gcneas, fágadh laetheanta gan biadh gan codladh iad, ach ní fhéadfadh a gcéasadóiridhe aon fhaisnéis d'fhagháil uatha: an dream a bhí ghá gconnaphianadh.

céasaim: (**ceusaim**) *b.a. 7 n-a.* clipim, ciapaim, cuirim tinneas air, cuirim doigh i, crádhaim go rómhór. Chéasfadh sé naomh bheith ag feitheamh lé duine failightheach, ar fionnraighe gan fios a dtiocfadh nó ná tiocfadh: budh dheacair don té is foidhnighe broic leis. Céasann do chuid cainnte me, nár chóra dhuit labhairt níos banamhla ná bheith ag tabhairt scanaile: ciopann sí me: buaidhreann sí m'aigne lé míothaithneamh di. Céasfaidh an mháchail atá ar mo ghluaisteán me, mar nách féidir liom fearas oireamhnach d'fhagháil do sa tír seo: ciapfaidh me. Céasfad an croidhe ann ag lorg mo leabhair go dtí go bhfaighead é, ní bhfaghaidh sé sos uaim: bead ghá bhuaidhreamh. Ná céas a thuilleadh me ag lorg airgid ar iasacht orm, agus gan a chead agam a thabhairt duit: ná ciap me: cuireann bheith dhá iarraidh orm crádh agus clipeadh ar m'aigne. Ná céas me, imthigh uaim leig dom féin agus ná bí ag cur isteach orm: ná ciap me: ná bí ag giobaireacht orm. Chéasfadh an teine sin thu gan beagán guail, tá an mhóin chómh fliuch san: chuirfeadh sí duadh as duaibhais ort bheith d'iarraidh í do chongbháil ar siubhal.

ceaslaireacht: *b.3.* Bímís ag ceaslaireacht ar ár suaimhneas, is eadh is mó bhéarfadh iasc: ag mionrámhaidheacht. Lá aoibhinn gréine cois farraige go raibh na céadta leanbh ag ceaslaireacht in imeall an uisce: ag siubhal tríd.

ceasna: (**ceasnaidhe**) *b.4.* (*iol.* –aidhe, aidhthe) iomard, máchail sheasamhach, ceasna do thabharfí ar an eitne, múchadh, dathacha etc., nó aon tsaghas drochshláinte nách féidir do leigheas; ceal mór: amhgar: draip: guais. Seadh, tá ceasna lé n-a shaoghal anois air, gur briseadh a chos: tá cimiar nó iomard nó máchail nách beag air. D'fhág an saoghal 'san aimsir ceasna orm an lá chailleas mo radharc: máchail a leanfas me: rud go mbead ghá fhulang an uile lá. Ní tháinig aon cheasna riamh air, ní raibh sé lá drochshláinteach a's níor imthigh a mhaoin mar seo ná mar siúd uaidh: aon drochrud a dhéanfadh díobháil leanta dho. An té go mbeidh an cheasna air is iomdha sádhadh chaitheann sé thabhairt do féin ná déanfadh dá mbeadh sé neamhspleádhach: an té go mbíonn an t-easbaidh air is éigean do lorg in andóigh nó rudaidhe do dhéanamh d'iarraidh an rud a bhíos uaidh d'fhagháil ná déanfadh dá mbeadh an saoghal comhthrom aige. Ceasna an ocrais a bheir do goid: iomard: aindeise: díobháil. Cuirfidh an droichbhiadh san ceasna ionat: drochshláinte: máchail éigin cuirp. D'fhágfadh ualaighe troma as t'óige nó easbaidh do chirt bídh ceasna léd shaoghal ort: ní bheidhfeá chómh maith d'fhear i neart nó i sláinte a's bheidhfeá dá bhfaghthá cosamhlacht choitcheann. Nách tapaidh do shloig an bás é d'fhear ná raibh ceasna sa tsaoghal air: galar ná aicíd. Mo cheasna! thu ar lár, a Phiarsaigh: mo bhrón: mo chumha. An té go mbíonn an cheasna air is air a luigheann sí: is ag duine féin is fearr fios connus a's cá mbíonn an bhróg ag luighe. Duine go mbeadh droichmhian dosmachtuighthe aige déarfá leis: "tá ceasna ort" .i. is truagh thu nách féidir leat an mian gránda do chur fé chois. Ceasna d'fhág Sasana ar Éirinn an Teóra: díobháil a bhéas ag teacht léi.

ceasnach: *a.* fé cheasna, fé bhuadhairt, fé iomard. Aigne cheasnach indiugh agam go bhfuil breis dem mheabhair tagtha dhom tréis ar chailleas ar cearrabhachas: buadhartha:

trí chéile: neamhshuaimhneasach. Budh cheasnaighe go mór daoine bochta sara rabhadar ag fagháil na mírdhéirce, ní bhíd leath chómh gearánach, easbhaidheach anois: dob amhgaraighe cheana iad. Ceasnach go maith do bhíos ag an slaghdán ar feadh mí, ag síorchasachtaigh: trí chéile: duabhaiseamhail.

ceasnaghail: *b.3.* (*-ghala*, *-ghal*) do chnáimhseán, do ghearán, do chníopaireacht: cnáimhseán, gearán, clamhsán, cannrán. Cuireann iomard na breóidhteachta ag ceasnaghail siar san oidhche é go gcloisfeá gach aon chnead aige: duadh agus glór aige ó thinneas. Ní mór a chuirfeadh ag ceasnaghail thu: ag gearán. Budh bheag mhaith do lucht díolta an íoca bheith ag ceasnaghail go raibh sraith róthrom ortha, b'éigean dóibh a dhíol: ghá chur in iúil go rabhadar mío-shásta. Bheith ag tabhairt do agus ag tabhairt do budh mhar a chéile é, bheadh sé choidhche ag ceasnaghail ná beadh a sháith aige: ag cur a mhíoshástachta ceart nó mícheart in iúil. Ag ceasnaghail do thugair do shaoghal gan aon rud, ar do bhéal féin, ag dul chun do mhaitheasa: ag fagháil locht. Mar a chéile dhuit cad thabharfá dho, dá fheabhas déanamh gheóbhadh sé uait bheadh cúis éigin cheasnaghala aige: cúis gearáin. Cad é an cheasnaghail atá air go bhfuil an iomad dhá íoc aige a's gan ach cion duine: cíopaireacht: béal bocht. An té go mbíonn an cheasnaghail cheart air is furaist aithint é: buadhairt.

ceasnamhail: *a.* iomardamhail, amhgarach, galarach, aicídeamhail, guaiseach, máchaile(ach)amhail: duaibhseamhail. Léan air! an rud galair budh mhithid do bás d'fhagháil, tá sé ceasnamhail ón lá rugadh é: gearán nó easbaidh éigin sláinte air. Ceanntar ceasnamhail ón Nodlaig seadh é, scaip galar éigin ameasc na ndaoine go bhfuil a leath ar lár: ceanntar go bhfuil daoine buailte ge breóidhtigh ann. Baile ceasnamhail lém aithne seadh é go mbíonn rud éigin ghá mbuaidhreamh i gcómhnaidhe: ceal air do shíor. Dúthaigh cheasnamhail seadh í, róthe sa tsamhradh, rófhliuch sa gheimhreadh: dúthaigh go mbíonn breóidhteacht innte nó gur deacair maireachtaint innte de dheascaibh a fuinn: neamhfholláin.

ceasnughadh: *f.* (*-uighthe*) buaidhreamh: ceisneamh: eagla: beart an ghearáin: loinne do theacht ar etc. Ceasnughadh mór do bhíonn ar an nduine roimis an mbás, is dócha gurb é a nádúir é: ceisneamh: dochma: ceal fáilte: doicheall. Bí flaitheamhail, ná bíodh aon cheasnughadh ort beagán airgid do chaitheamh: cáiseamh: gearán: ghod chur féin in iúil go bhfuil sé róthrom ort nó ródhian nó nách ceart é. Toisc gan é do bheith in Éirinn lé linn an éirighthe amach budh cheasnughadh ar a aigne é an fhaid mhair sé: budh buaidhreamh aigne é. Chuir a fhaid a's ná feacaidh sé me ceasnughadh mór air chómh luath agus chonnaic sé me d'éirigh sé ó thalamh le háthas: líonruith. Ar bh'iongadh ceasnughadh do theacht orm nuair fuaireas béal gunna lém éadan ar mhúscailt dom: líonruith: dul trí cheile: loinne eagla. "Seadh, tá bliadhanta do cheasnuighthe thart anois, ní bheidh lá bocht choidhche airís agat", ars an lotharagán nuair shín sé an sparán chun an duine bhoicht.

ceasnuighim: *b.a. 7 n-a.* buaidhrim, creathaim, iomluadhaim: gearánaim, cnáimhseálaim. Ní haon rud eile do cheasnuigh riamh é, mar bhí a dhóthain den uile rud aige ach gur dhiúltuigh sí de n-a phósadh: do bhuadhair é. Anluath 'n-a shaoghal do cheasnuigh sé agus níor fhág an drochshláinte riamh é: tháinig gearán éigin air. Dá bhfeictheá mar

cheasnuigh sé nuair rugadh air ag goid: mar chreath sé lé heagla nó náire. Is tapaidh do cheasnóchadh sé dá mbeadh aon mhairg sa tsaoghal air: dhéanfadh sé gearán. Tabharfadsa aire dhom féin, ná bíodh aon eagla ortha, ná ceasnuigh im thaobh: ná buadhair thu féin.

ceasnuightheach: *a.* buadhartha, tré chéile. Budh cheasnuightheach an oidhche chaitheas ar an dteinteán ag feitheamh lé teacht na mbuachaillidhe, a's nár bhfeas an marbh nó beó dhóibh: bheith buadhartha nó tré chéile 'n-a thaobh trí spéis, cómhgas, léidh nó báidh éigin. Casachtach cheasnuightheach orm ghom thuargaint gan sos, gan néal chodlata do leigeant orm: buadhartha: casachtach dhíobhálach: máchaileach. Fuaireas tuiteam ceasnuightheach den gcapall gur briseadh easnaidheacha ionam: tuiteam a fhág cimiar orm nó iomard a lean me. Bhíodh do mháthair bhocht ceasnuightheach id thaobh nuair bhís ar do theicheadh, ghod cháiseamh a's ghod mhothughadh amuigh ar eagla do dhíobhála: suaidhte: gan aon tsuaimhneas aigne aice.

céasta: (**ceusta**) *a.r.* cráidhte: buadhartha: tré chéile: básuighthe, tairngeálta ar chrois. Duine ceusta seadh í gen-a clainn má bhí duine ceusta riamh, iad crosta, achrannach, bruigheantamhail: ciapuighthe, clipighthe, gan sos aigne. Rud ancheusta seadh bheith gan nidhthe oireamhnacha do bheith agat budh mhaith leat i gcóir dhaoine ar cuaird: rud a chrádhfadh thu: míoshásamhach. An chros cheusta: an crann i bhfíoghar croise ar ar cuireadh an Slánuightheóir chun báis.

ceathach: *a.* frasach, fearthannach. Maidean cheathach a chuir an bhraon go croiceann orm: uisce ag tuiteam ón spéir ar aitreamhaibh. Aimsir cheathach andeas is maith í do shíoltaibh: aimsir bháistighe ar amaibh. Is ceathaighe an t-earrach 'ná aon am eile den mbliadhain: tuiteann breis uisce ar aitreamhaibh an tráth san den mbliadhain.

céatach: (**céadfadhach**) *a.* tuigseanach, síthbhealta, miochair, modhamhail. Ní gábhadh dhuit aon támáilteacht do bheith ort dul chun cainnte leis an easbog, duine céadfadhach seadh é gan aon tóirtéis, gan mórchúis: síthbhealta, lághach, gur furaist leis conbharsáid do dhéanamh. Bheinn níos céadfaighe leis dá dtagadh sé chugham agus a rádh liom go raibh aithreachas air díobháil do dhéanamh dom in ionad bheith ag maoidheamh as: níos géilleamhla: breis fonn orm bheith níos sochma leis. Céadfadhach go maith do bheinn dá dtagadh sé chugham lé leath féin a raibh agam air, b'fheárr é ná bheith gan aon chuid: sásta. Duine céadfadhach seadh é réidhteóchair leis gan aon duadh: soranna: oscailte, géilleamhail.

ceataighe: *b.4.* anacair, míochómhgar: tuathalacht, mío-áiseamhlacht, míogharamhlacht, neamhoireamhnacht: cur as. Cuir uait ceataighe ag tógaint tighe, saoir mhaithe nó gan bac in ao'chor leis: tuathalacht: ceal ceardaidheachta. Ní h-aon cheataighe dhom é, nó má seadh ní mór é, an leitir seo chur i bpost duit: cur as an slighe: cur as dom: duadh go gcuirfinn éifeacht ann. Ceataighe siubhlóide dhom seadh na bróga laga so: cúis a choimeádas mall mé nó chuireas breis duaidh orm sa choisidheacht. Cuireann sé ceataighe, nidh nách iongadh, ar aonne bheith gearradh sa radharc: cursiar, bíonn rud caillte aige lé bheith gearradharcach. Tabharfad airgead duit má dhéineann sé ceataighe féin dom, toisc go n-oireann sé dhom ar an láthair chómh maith agus oireann duitse:

déanfaidh a cheal basc nó toirmeasc dom. Ceataighe don bparóiste seadh gan caladh maith do bheith aca chun teacht a's imtheacht ar aon uain: cursiar: cailleamhaint dóibh. Ceataighe bheag do dhuine shaidhbhir scaramhaint lé púnt: dochar nách fiú d'áireamh. Ceataighe an domhain do bhíonn ar chnuasuightheóiridhibh an fhóghmhair ar fuaid gach dúthaighe: leathlámhas: ag dianobair a's an obair rómhaith dhóibh. In aimsir cheataighe mar lá earraigh, iongadh beag gan puinn do bheith 'n-a shochraid: aimsir go mbíonn na daoine an-chúramach. Sin cárta a's dá luighead é déineann sé ceataighe dhom, is éigean dom m'aon do chur air: cuireann sé as dom: cuireann sé deacracht imeartha orm: duadh nách furaiste do chur díom. Mar chídhimse thu, tá ceataighe gach aon lá riamh ort, ní bhíonn do chuid earraigh ná fóghmhar agat lé haonne eile: diachair nó leathláimhe éigin tríd chionntaibh féin. Budh mhór a dhúil sa bhiadh a's níor cheataighe ó n-a chuid oibre leis fanacht le proinn: níor bh'aon tábhacht aige cuid di do leigeant ar cáirde ar son an bhídh. "Tá an chloch san curtha go maith agat", ars an saor leis an dtuata, "ach déanfaidh sí ceataighe do dhuine eile": tiocfaidh sí treasna ar shaor eile. Bheadh truagh agat mar thagadh ceataighe labhartha air nuair thagtí treasna air a's ní fheadair sé cad budh cheart do a rádh: mearbhall: deacracht úrlabhra: tachtadh focal. Cá bhfuil an cheataighe is mó do riaghaltas 'ná bheith gan airgead? an draip. Ní hé an méid a's fiú é mar rothar, ó bhrisis é, ach a cheataighe bheith dhá cheal: neamháiseamhlacht: an cur amugha dhéineann sé.

ceatán: *f.1.* máchail eaglach, tionóisc go leanann iomard í. D'éirigh ceatán éigin di a's a rádh nár shroich sí caladhphort riamh: matalong, cinneamhaint a chuir deireadh léi. D'imthigh scolb den gcloich a bhí dhá bhriseadh agus bhuail i gcroidhe na súl é gur chuir ceatán fada air: máchail doileighiste. Tuiteam de bhuaic thighe do chuir an ceatán san air anois go bhfuil sé aimlidhthe dá dheascaibh: díobhail colna ná leighiseadh.

ceathair: *u.o.* a dó fé dhó, a trí agus ceann eile. Ghlaodhas fá cheathair air ach bhí sé chómh bodhar san nár chualaidh me: cheithre huaire.

ceathair: *b.3.* ainmhidhe go mbeadh cheithre cosa fé mar chapall. Ceathair seadh bó. Níl an cheathair féin anois aige, chuaidh sé chun bochtanachta chómh mór san: an bhó. Ní chuirimíd an oiread ceathra go Sasana agus chuirimís, a's ní mór an cheataighe sin: oiread eadála a's ní cailleamhaint dhúthamhail sin. Níl aon cheathair ag siubhal talmhan aige: ní fhéadfadh sé a mhaoidheamh go bhfuil ainmhidhe ceathair-chosach aige.

ceathairbheannach: *a.* ceithre bheanna nó adharca do bheith ar rud nó cheithre taoibheanna. Sraith ceathairbheannach seadh atá idir Cuan an Chaoil agus Cuan Árd na Caine: sraith go bhfuil cheithre chnapáin ghéara air .i. Beann Diarmada, an Bheann Mheádhon, Beann Seandraoi agus Beann Sibéal. Níor dheacair do é do thómhas mar gort ceathairbheannach dob eadh é: cheithre taoibheanna air.

ceathaircheárnach: *a.* rud ceathaircheárnach seadh leabhar.

ceathairchosach: *a.* ainmhidhthe ceathairchosacha seadh bó, capall, asal, coreach, rámeach, caora, muc, girrfhiadh, coinín, madra, trod: cheithre cosa fútha.

ceathairchúinneach: *a.* go gceithre gcúinnidhe. Bíonn seómra ceathairchúinneach. Ní liathróchadh an chloch leis an bhfánaidh toisc í bheith ceathairchúinneach dá mbeadh sí cruinn dhéanfadh.

ceathairghabhlánach: *a.* go gceithre gheárrthaidhe. Bíonn lámh an duine ceathairghabhlánach: bíonn cheithre ladharacha idir na cúig méireanna.

ceathairrothach: *a.* go gceithre rothanna. I gcóiste cheathairróthach fé dhá chapall thagadh Tighearna Finn Thrágha lem linn ón nDaingean go Baile an Ghóilín: cóiste cheithre rothann.

ceathairshliosnach: *a.* go gceithre taobha nó cliatháin. Bhain an Bórd leirg mhór ceathairshliosnach talmhan díom: cheithre taobha fada.

ceathannach: *a.* uisceamhail ón spéir go taomanach, báisteach ar aitreamhaibh. Aimsir cheathannach de ghnáth seadh an tAbrán eadrainne: go dtagann an bháisteach 'n-a miontulcaidhibh agus eaga eatartha.

ceathardha: *a.* fé cheathair. Dá siubhaluighinn an chruinne cheathardha ní bhfaghainn ball chómh háluinn le Dún Chaoin: an domhan mórdhúileach thíos agus thuas.

ceatharn: *b.3.* buidhean throda: costsluagh saighdiúiridhe: sluagh amhas: adhbhar maith saighdiúiridhe: duine misneamhail féitheamhanta. Nách diaill an cheatharn duine atá déanta dhe ó tháinig sé 'n-ár measc – trom, láidir, acfuinneamhail: fear scafánta: faraire. Thóg an rí Franncach ceann den gceatharn Éireannach do tairngeadh do chun catha: sluagh breágh, córach cogaidh. Dhearbhóchadh sé go dtín lá indiugh duit gur ghaibh ceatharn daoine duine dhíobh nár aithin sé tharais i Mám an Chlasaigh i mí mhairbh na hoidhche: sluaighthe daoine. In aimsir na ceithirne i Loch Garman seadh marbhuigheadh mo shin-seanathar: amhais Riaghaltais Shasana.

ceatharnach: *f.1.* saighdiúir go n-arm éadtrom, saighdiúir i gcois; tíoránach: laoch: bollscaire: méirleach. Gan tigh ná treabh, obair ná gnóth ag an aindeiseóir ag imtheacht 'n-a cheatharnach coille: fear go mbeidhfí ar a thí, a bheadh ar a theicheadh ón ndlighe nó ó fhorlámhas. Budh thu an ceatharnach dá mbeadh aon chómhacht agat ar an gcainnt dhian atá agat i gcoinnibh lag agus bocht: an tíoránach, an duine gan scropall. "Sid é mo cheatharnach", ars an cailín lé n-a h-athair ag deimhniughadh dho an fhir a shaor ó bhádhadh í: mo laoch: mo churadh. Ceatharnaigh fhear dob eadh iad uile, mór, groidhe, lúthmhar, gur bhreágh leat do shúil do leagaint ortha a's iad ag gluaiseacht chun catha: fir chalma.

ceatharnacht: *b.3.* teicheachas: méirleachas: laochas: saighdiúireacht. B'é budh leamhasaighe ar fad na hÉireannaigh a luigh lé ceatharnacht chun an éirighthe amach do chlaoidhe: a chuaidh in adhmannas saighdiúireacht Shasana mar amhais. Níor cheatharnacht go dtí é an mám do chosaint an fiche duine aca ar chúig céad a's gan a thógaint riamh ortha: laochras: gaiscidheacht: ródhacht: deárscnacht misnigh a's gnímh.

I gceatharnacht do chaith an taoiseach deireadh a shaoghail nuair ruaigeadh as a sheilbh é: an dlighe dhá shéanadh air agus é ag séanadh na dlighe agus ag cur a shlán fúithe.

ceatharnóg: *b.2.* duine, go mórmhór bean, aindeis beathuighthe: boitseach. Ní bhainfeadh freacar ar feadh an lae agus an uile lá an toirt de tá sé n-a cheatharnóig ar fad: bheith ghá shíorshuathadh féin ní bhainfeadh aon phioc den reimheadas de. Bhí mianach na feóla innte a's thuit sí chun ceatharnóige 'n-a cnagaois: chun téagair a's aindeise. A cheatharnóg chaca! rámhaidh amach nó raghaidh an bád ar an bhfochais: a dhuine gan anam, gan tapa, gan brigh: a aindeiseóir! Déanfaidh ceatharnóg díot mara stadair den itheadh mór: "mealbhóg": duine mór aindeis lán d'fheóil: sathaire: duine míochúmtha: aimealóg.

ceatharrámhach: *a.* cuirfead bád ceatharrámhach dhá dhéanamh go mbeidh ineall innte freisin: bád cheithre mhaide: bád gur féidir le ceathrar rámhaidheacht uirthe.

ceatharrannach: *a.* in a cheithre rannaibh. Ó bhí ceathrar againn ag déanamh na seilge seo beidh sí ceatharrannach eadrainn: déanfam cheithre coda dhi. Cuardóchad an chruinne cheatharrannach dhe go mbeidh díoghaltas agam: cuardóchad an domhan mór i ngach áird de.

ceathrach: *a.* eadálach. Dúthaigh cheathrach dob eadh an Mhidhe mar a bhfuil an Nuadh-Ghaedhealtacht anois: gan aon churadóireacht ach ainmhidhthe.

ceathram: *f.1.* mío-ádh: míothapa. Dá mbeadh sé de cheathram ort bualadh le nathair nimhe chuimhneófá ar an uain: de mhío-ádh. Nách mór an ceathram gur theip, as go mbíodh sé lé n-itheadh a's lé díol aca: budh mhór an chinneamhaint í. "Ná bíodh sé de cheathram ort", ar seisean liom, "dul isteach 'on phrochlais dighe sin, nó is tinn duit": ná bíodh sé den diall ort: ná tagadh sé anuas ort: ná bíodh sé mar iomard beatha ort. Cad é an ceathram do bheir duit do mhéar do shádhadh san ineall san: míothapa: ceal breithnighthe rómhat: aiteas.

ceathramha: *f.5. 7 3.* an ceathramha cuid d'aon rud. Ceathramha uaire (an chluig). Ceathramha mheádhachana, eadhon, caoga a sé púint. Ceathramha den ngealaigh: an cheathramha cuid den solas. Beidh béal ceathramhan againn ambáireach: beidh sí i dtosach a dara ceathramhan, a tríomhadh nó a ceathramhadh. Níl sí 'n-a ceathramhain deire fós: níl an tríomhadh cuid lán fós. An cheathramha cuid agus géag d'ainmhidhe sleachta. B'fhearr liom stiall dá ceathramhain deireadh (beithidheach) in aice a máis. Ceathramha (baile etc.) roinnt áirighthe de bhaile, de cheanntar, de thír. Ceathramha (saighdiúiridhe): áiteanna go mbíd ar oisteas ann ar an daoinibh mar arm iasachta: buanacht. Cuireadh, rud nár thaithnigh linn, an t-Arm Dearg ar ceathramhain chughainn: ar oisteas: aon rud a theastuigh uatha do thabhairt dóibh. Ceathramha (thabhairt): coigilt anama (beatha) do namhaid: trócaire ó láimh fir gabhála, an chonnascóra: an déanamh a tugtar do namhaid. Do díthcheannuigh Ráilighe na Spáinnigh i nGort na gCeann gan ceathramha d'aonne aca: trócaire. Ceathramha báid luinge, nadhbhóige: an chuid di ó n-a deireadh thiar aniar go dtí tímcheall a leath. Bhuail an ólaidhe 'n-a ceathramhain béil í: aniar ó n-a deireadh ar thaobh na gaoithe. Ceathramha: sail mhór, fhada, árd mar bheadh

bíoma, go mbeadh gabhtha trí n-a lár ó cheann ceann: fuaireamair ceathramha raice, ach bhí sí lobhtha ó bheith ar an uisce: sraice mór adhmaid leis an mhuir. Ceathramha (an duine): ón gcromán síos fé dhéin na glún. Chuireas mo cheathramha i gcoinnibh an dorais: ó ghlúin go cromán. Chaithimís ceathramha den oidhche ag imirt chártaidhe: smut maith. Ceathramha mhór den lá bhí caithte sar ar éirigh sé: cuid mhaith. Ceathramha: cion fir. Beidh a cheathramha aige d'aon rud bheidh ar siubhal gan chabhair aonne: cion fir: tá sé go maith chun dul i gcóir a chirt. Ceathramha: comhthrom, ceart. Ní bhainfeadh an diall aníos ó ifreann ceathramha dhe, dá fheabhas súil a bhí agam air chuaidh sé im phóca i nganfhios dom. Ceathramha an Fhirtéaraigh, Ceathramhain an Phúca: ainmeacha bailte i gCorca Dhuibhne. An cheathramha thosaigh, an cheathramha mheádhonach, an cheathramha leathdhéidheanach, an cheathramha dhéidheanach, eadhon, cheithre ceathramhna na gealaighe. Scaoil ceathramha mo bhróige ag an lasta: an t-uachtar. Ceathramha (filidheacht): an méid líne nó fleasc a bhíos i ngach roinnt d'amhrán nó de dhán: cheithre líne: sé nó hocht, mar bheadh. Ceathramha dhubh: aicíd mharbhthach a thagas ar ainmhidhthibh go ndubhann a gceathramhna léi agus bhfaghaidh bás gan puinn moille.

ceathramhasúin: (**c-sheasúin**) *b.* (*-sún*) an chúirt a bhíodh fé dhlighe Shasana cheithre huaire sa mbliadhain i mbailtibh áirighthe.

ceathramhnach: *a.* ina cheathramhnaibh nó uair gach ceathramha d'aon rud. Ceathramhnach táimíd chun an bháid seo, eadhon, tá ceathrar againn i dtreis agus tá cuid chomhthrom ag gach duine againn di. Thagadh an breitheamh 'on Daingean ceathramhnach sa mbliadhain: cheithre huaire, eadhon, ráithe idir gach aon dá chuaird dá dtugadh ann.

ceathranamhail: *a.* gruamach, duairc, daghaiceach, dorránach, brúideach. An chuma cheathranamhail do thagann air gan adhbhar nuair labharfí leis: cuma mhíoshásta. Dá mhíne labharfá leis ní bhfaghfá 'n-a chomaoin ach snapadh a's giorraisc a's smailc cheathranamhail: féachaint bhrúideach, mar bheadh ag ainmhidhe malluighthe. B'fhearr liom gan bheith 'n-a chuideachtain ní bhfaghaim aon tsult ann, bíonn sé rócheathranamhail dom: neamhshubháilceach. Do priocadh an namhaid na súile amach as príosúnachaibh agus do ghearraidís na cíocha des na mnáibh agus mórán adhfhuathmhaireacht cheathranamhail eile: gníomha malluighthe, uathbhásacha.

ceathrar: *f.1.* cheithre daoine. Ghluaiseadar a gceathrar: an ceathrar áirighthe aca gan aonne eile cois leo. I gceathrair! (órdughadh mileata) téidheadh an tsraith fhear 'n-a ndíormaibh beaga go mbeidh beirt chun tosaigh agus beirt laistiar díobh i ngach ceann aca.

céibhfhionn: *a.* folt gur giorra dho bheith bánruadh 'ná ar aon dath eile: réilteann: bean áluinn: gaithleann. Mhaoidheadh an file gur iomdha san céibhfhionn óg, dhathamhail a thuit i ngrádh leis: bean áluinn agus folt fionn. D'fhiosruigheas den gcéibhfhionn fáth a chúrsa im threó ar líonadh de shearc dá chlódh: den mhnaoi áluinn. Níor bh'fhearr liom id chéibhfhionn thu 'ná bheith chómh dubh le gual: cómhchuma liom folt bán nó fionn bheith ort nó é dubh ar nós daoil.

céibhín: *f.4.* dual beag, éadtrom, cas. Budh ghleóidhte an leanbh thu a's do chéibhínidhe ar silleadh leat: t'fholt 'n-a fháinnidhibh beaga cas.

céidbhean: (**ceudbhean**) *b.* (*-mhná*) searc, céadshearc duine: leannán. Níor phós sé riamh, níor bhuadhair sé é féin le mnáibh an tsaoghail, b'í Éire a chéadbhean: an té gur thug sé grádh a chroidhe a's anama dhi. A chéadbhean, suidh láimh liom a's ólfam lionn: a bhean a ghrádhas roim aonne agus os cionn aonne.

céiddéag: (**ceuddéag**) seachas, i ráidhtibh mar aon chéaddéag etc., cialluigheann sé cuid anmhór. "Cad é an oidhreacht a fhág sé 'n-a dhiaidh?" – "cuid mhór mhaith, ar t-éacht ar fad, chuaidh sé sa chéaddéagaibh púnt": an t-aimeón airgid: méid do-áirimh ag duine gan taithighe air. Tagann trithidhe 'n-a gcéaddéagaibh ar Thomás bocht, tá sé an-olc: treighideanna troma gur dhóigh lé duine go n-imtheóchadh sé ionta. Bhíodar chómh piaclach san chun an tighe go ndeachadar sa céaddéagaibh lé n-a chéile air: comórtas chómh dian san eatartha d'iarraidh an tighe do bhaint dá chéile go rabhadar ag tarang(t) air gan aon teóra ná deallramh. "Cad dob fhiú Tomás Ó Donnchadha an lá d'éag sé?" – "na céaddéaga mhuis; nár chuala go raibh céad míle 'n-a udhacht?" mórchuid.

céidghein: (**ceudghein**) *b.2.* an chéad duine clainne a cruthuightear nó a saoghaluightear. Mise céadghein mo mhuinntire ar dháréag clainne: an té is túisce fuair cruth daonna. Cuirtí an chéadghein mic chun bháis dréir na dlighe: an mac is túisce a thagadh ar an saoghal.

céidghrinne: (**ceudghrinne**) *b.4.* togha: rogha: an chuid is íogaire, is déine, is binne nó is mílse. "A úncail, buailfeam lá breágh éigin lé chéile, le cóngamh Dé", ars mo chara Séamas, "agus beidh céadghrinne na dighe againn i gcuideachtain shuairc": sárdheoch. Cheannuigheas céadghrinne an aonaigh, is breágh acfuinneach é do chapall: rogha a raibh ar an aonach. An bhfeicir na héanlaithe beaga san greanta i gcloich i mBóthar an Ghairín sa Daingean? sin é an cómhartha go mbíodh céadghrinne an fhíona dhá dhíol ann nuair bhí an baile fé bhláth: fíon íocshláinte. Ná cuir aon tsuim ann i dtosach, ar imtheacht den gcéadghrinne feirge beidh sé chómh tláth lé leanbh: an chéad tonn, an chéad taom: níl ann ach stoirm shamhraidh. "Is oraibhse thuitfidh céadghrinne an ionnsaidhthe agus is oraibh bheidh a chosc, mo sheasamh oraibh", ars an t-oifigeach cosanta lé n-a chuid fear: ceanntrom: géire an ionnsaidhthe.

céidleabhar: (**ceudleabhar**) *f.1.* uraiceacht: an leabhar a tugtar i dtosach do leanbh tréis dul ar scoil. Ní rabhas thar an gcéadleabhar riamh nílim i ndán do cheiste d'fhreagairt: níl aon fhoghluim beag ná mór orm.

céidmheas: (**ceudmheas**) *f.3.* an bharamhal bhunaidh: an túisthuairm: an chíoscháin bhunaidh. An meas atá agam indiugh, ar a fhearmhalacht sé mo chéadmheas é, níor atharruigh sé: baramhal nó tuairm an chéad lae. Árduigheadh céadmheas an tighe ó dhosaon púnt go dtí a fiche: an méid dob fhiú é ar dtúis chun cánach do ghearradh air.

céile: *f. 7 b.4.* cómh: caomhna: páirtidhe: duine a ghnáthuigheas cómhluadar dhuine eile: compánach, comrádaidhe: seise: fear nó bean pósta: sonuachar: cóimhleapthach: leathleapan: cóimhéilightheóir: teangbhálaidhe: é féin, í féin: giolla: an duine (rud, ainmhidhe) eile. “Cuir amach mo chéile chugham”, ars an bhean ghrinnfheirge: m’fhear pósta: an té atá ag gabháil liom. “Cá bhfuil céile na bróige deise seo?”: an bhróg a théidheas léi, an bhróg chóimhionainn: an bhróg chlé. Sí an tsúil dheas céile na súl cléithe: an coraoid: sí a théidheas léi. D’fhan céile an stoca ar iarraidh, mar cuireadh i bhfolach é: an leathstoca eile. I ngach áit dá ngaibheadh sé bhíodh céile in aonfheacht leis, ach deireadh lucht suainseáin nár bh’í a chéile cóir í: a bhean dhleaghthach dréir dlighe na talmhan nó na heaglaise. Geallaim dhuit nách fiú puinn an bhean bhocht is fada ’n-a céile galair í, breóidhte ar a leabaidh: breóidhteacht nó tinneas éigin uirthe. Mara mbeadh ár gcéilidhe cómhraic bheith rómhaith dhúinn ní bhuadhfaidís orainn: ár namhada. Thug an t-uachtarán agus a chéile cuaird ar an monchra go bhfeicidís connus mar bhí sé ag obair: a bhean. Ghlac an figheadóir chuige mar chéile leapan bean mhór chnámhach, chumasach: mar mhnaoi phósta. Duine de chéilidhibh gaisce an domhain dob eadh Neapóilean gan aon amhras, mar is iomdha san cath do throid sé: daoine a chaith a saoghal ag coimheascar ar pháirc an bhuailte. Cá bhfuil céile na ráinne seo, déarfainn gur mhithid do bheith ag rómhar? an té gurb é a bhaineas earraidheacht aiste. B’í mo chéile í gach áit dá dtéidhinn faid bhí sí in Éirinn: b’í mo chaomhna í: bímís i bhfochair a chéile. Ná fuil aon chéile agat chun na hoibre tábhachtaighe seo, connus dhéanfair it aonar í? cabharthóir: cóghantóir. Go sármhaith, bhí sé ar gach adhbhar léighinn ach b’é Séamas a chéile: a chomórtas: fear chómh maith leis. Chuaidh an bheirt bhan ag stracadh ceann a chéile: an bhean so ag stracadh cinn na mná eile, ise ag déanamh an ruda chéadna léi seo. Chídhim ag crothadh lámh a chéile iad, ní fuláir nó táid anmhuinnteardha: gach lámh láithreach. Fanaimís i bhfochair ’si gcabhair a chéile: seadh is láidre sinn: gach duine againn in aice dhuine eile chun a chabhartha a’s an déanamh céadna ag eisean a’s aca go léir. Cuir na leabhair i dteannta a chéile: in aon fhoscal. Tairng an téad dréir a chéile má thugair stathadh oban di brisfir í: go socair, mall cómhshnáthach. Thógas dréir a chéile iad, mheasas gur bhitheamhnaigh iad uile: an tómhas céadna fuaireadar uaim. Cuir uisce sa mbeathuisce dréir a chéile agus ní dhéanfaidh sé aon díobháil do: cómhoiread. Siubhalfaidh dréir a chéile agus ní bheidh sibh ag breith ar shálaibh a chéile: in ionanas: bíodh cómhfhaid eadraibh nó bídh ar chómhchoiscéim. B’fhearr liom na capaill dréir a chéile i ndath (in aoirde, aois, etc.): ar an ndath gcéadna etc. Ní fios céaca dóirneálaidhe a bhuaidhfeas, táid dréir a chéile fós: ar chomhtharang(t): ar cóimhrian. Níl an dá bhróg seo dréir a chéile, is baoghalach ná hoirfid dom: ar an gcuma gcéadna. Ólaimís dréir a chéile agus beidh cuideachta shuairc againn: ná bíodh breis ag aonne againn ar an nduine eile. Níl ach do shamhladha ann, táir ag tuiteam ar a chéile: ag seargadh: ag connlughadh. Thángadar ar a chéile an dá namhaid mharbhthacha gan aon choinne aca leis i mám árd: bhuaileadar lé chéile. Bhuail an dá ghluaisteán ar a chéile ag nochtadh cúinne grod: chrágadar. Chaitheas ar a chéile na figiúiridhe dho, ach bhíos mícheart: chuireas ceann ar cheann leis an gcuid eile iad i suim. Theanntuigh an ghaoth ar a chéile an dá luing gur deineadh minmheilt díobh: d’éigheanuigh an ghaoth ceann aca chun an cinn eile. “Ar a chéile sibh!” ars an fear cirt leis an mbeirt dhóirneálaidhthe: chun troda libh. Bhuail a dhá thaobh ar a chéile lé ceal a’s amhgar: shearg sé. Níor fhan sé liom faid a’s bheidhfeá ag bualadh do dhá bhas ar a chéile: ghá dtabhairt chun a chéile go pras. Níl de chúis aca ar a chéile ach bheith ag déanamh uile lé díomas: ag duine aca i gcoinnibh an duine eile. Seo

ar a chéile iad an túisce chonnacadar a chéile: dheineadar cóimhionnsaidhe. Fuaireas mo chuid leabhar caithte ar a chéile gan aon órdughadh 'n-a gclais, 'n-a gcarn. Féach an tslighe atá do chuid éadaigh caithte ar a chéile: gan aon aire tugtha dhóibh ach mar nár bh'fhiú iad ach an oiread a's b'fhiú ceirteacha. Cad atá agaibh ar a chéile ná labharfadh sibh: cad chúis? Níl aonnidh ar a chéile fós aca: níl aon cheann aca chun cinn ar an gceann eile. B'aoirde go mór é 'ná me, bhí dhá órdlach ar a chéile againn: bhí an dá órdlach san ag eisean ormsa: an méid sin deifearaidheachta in aoirde. Caithfear an clog san do bhaint as a chéile d'fhéachaint cad tá air ná himtheóchadh sé: é do scur: na máillidhe do scaramhaint. Bímís lé chéile ag dul 'on Daingean: in aonchuideachtain. An stadfaidh sibh choidhche, tá sibh lé chéile i dtaobh blúire beag talmhan leis na ciantaibh: ag dlighe a's ag caibideal. "Tá sibh le chéile, a fheara", nuair chídhtear scata fear i bhfochair a chéile. Le chéile anois sinn agus b'fhéidir go bhféadfaimís an charraig do chorruighe: déinimís go léir in aonfheacht tréaniarracht. Ag gabháil le chéile chaitheadar a saoghal gan pósadh choidhche: ag dul i gcuideachtain. Gaibheann an dubhach agus an peann so lé chéile: téidheann siad chun an chúirim chéadna do dhéanamh. Cuir lé chéile dachad lá oibre ar choróin ist ló: déin suim de. Tagaidh lé chéile ar aon nidh amháin sara dtéidhidh sibh go nidh eile: aontuighidh. Is maith na fir lé chéile iad: fir mhaithe in iomláin, má tá cuid aca féin nách gaiscidhigh iad. Fág i bhfóireamh a chéile do phingnidhe beaga airgid: in aon mhúirle beag amháin. Fanaidh lé chéile, sin mar is cómhachtaighe sibh: claoidhidh in aon ghasradh. B'iongtach an cur le chéile dho deich míle púnt do chur i dtaisce: an bailiúchán: cnuasach: tiomargadh. Cuirtear tigh lé chéile lé clochaibh, bríc, adhmad etc.: tógtar é. Ní fhéadfainn ná aonne eile na réilthínidhe do chur le chéile: an méid atá ann aca d'áireamh. "Ní neart go cur lé chéile": cómhchabhair: cómhoibriughadh. Ní fhéadfainn an téad do chaitheamh chun an fhir a bhí dhá bhádhadh mar bhí sí trí chéile: in achrann: ní rithfeadh sí a faid. Ceaca is fearr leat arán plúir ar fad nó arán trí chéile: arán measctha, go mbeadh rud éigin eile, mar min, tríd (ann). Chuir bás a chéile anmhór trí chéile é, níor fhan a shuim in aon rud: do shuaidh sé, do bhuadhair sé é. "Trí chéile, a chlainn!" ars an dreóilín nuair tháinig an fiolar ag triall air féin dréir margaidh, a's níor bh'aithnid ó chéile iad óg ná sean nuair mheascadar. Sé bhí dhá chur trí chéile aca ag an sáipéal tréis aifrinn gur bh'áidhmhéil an cogadh é seo sa Spáinn: bhíodar ag cur a's cúiteamh 'n-a thaobh. Is minic sinn ag cur do thréithe trí chéile: ag trácht ort, ar t'olcas a's do mhaitheas. Ná bíodh aon trí chéile sa tsaoghal ort i dtaobh aistrighthe go hÁth Cliath, ní bheir rófhada ón mbaile: aon bhuaidhreamh aigne. Ná déin aon trí chéile anois ar an airgead, fág mar tá sé é: ná measc é. Cuir trí chéile éigin air chun é do chur amugha ag léigheamh an pháipéir: corruighe: cur isteach: cur as: teacht treasna. Fuaireas an oiread san búrdála ó scaoinsidhibh na sráide go rabhas ag dul thar n-a chéile ag siubhal ar feadh seachtmhaine: ag tuiteam anonn 'sanall: grogaidhe bheith ann. Chuadhas thar n-a chéile leis an ocras a's leis an anacra: sheargas: bhuail mo dhá thaobh ar a chéile: bhíos aimlidhthe. Chómh fada san anois ó chonnac iad ná haithneóchainn aonne den aos óg thar n-a chéile: duine aca seachas an duine eile. Níl aon rogha ar na fearaibh seo thar n-a chéile: is ionann ar fheabhas iad: ní fearr duine aca seachas duine eile. Níl rogha ná díg thar n-a chéile ortha: mar a chéile seadh iad: cómhmhaith iad. Ar scáth a chéile mhaireann an saoghal, níl aonne chómh neamhspleádhach a's gur féidir leis maireachtaint as féin: le cabhair a chéile. Raghainn fé dhuit nách fada ná scaoilfidh cómhachta na hEóraipe fé chéile ar na péacaibh atá aca dhá thabhairt: go n-ionnsóchaid i gcath. D'fhágadar an obair fé n-a chéile leis an leisce agus d'fhág san gan déanamh í:

duine ag brath ar an nduine eile. Thugadar fé chéile leis na dóirnibh: chromadar ar throid. Ó sheachtmhain go chéile ní théidheadh an lag air ach ag obair: seachtmhain i ndiaidh seachtmhaine. Ó ló go chéile bíonn báisteach ann san earrach: gach aon lá gan stad. Deineadh an oiread briste ar an gcois gur dóigh liom ná raghaidh sí 'n-a chéile go deó airís: ná snaidhmfidh sí. Cuiridh bhur lámha 'n-a chéile agus crothaidh agus bíodh muinnteardhas eadraibh feasda: beiridh greim láimhe ar a chéile. Níl an scéal 'n-a chéile fós agam dá fhaid me leis: críochnuighthe. Cuiridh 'n-a chéile an imirt anois: áirmhighidh go léir bhur gcion di. 'n-a chéile ní féidir an bhróg do chur airís: í do chur 'n-a ceart mar bhí sí. Chuir sé an scéal as a chéile (as tóin a chéile) chómh soichreidte sin gur ghéill gach aonne dho: cumadh do dhéanamh air 'n-a chodannaibh a's leanamhaint mhaith air. Bain as a chéile na madraidhe sin nó íosfaid a chéile: scar iad. Ó bheith ag obair táim stracuighthe as a chéile gan eaga suidhe ná éirghe agam: tnáidhte, cortha. Cuireadh trí téada as a chéile sara raibh oiread againn agus shroichfeadh treasna an locha: ceangladh iad dá chéile: snaidhmeadh ceann aca ar cheann an chinn eile agus mar sin de. "Cuirir as a chéile go binn!" innsir scéal ar do thoil go mórmhór éitheach. Stracfadh leómhan as a chéile duine mar stracfá-sa ceirt: dhéanfadh sé blúiridheacha beaga dhe. Connus b'fhéidir imirt leó nuair bhíodar ag imirt as láimh a chéile: iad ag déanamh cómharthaidhthe dá chéile nó ag obair lé cabhair as calaois a chéile. Éirighidh as a chéile, bíodh sos agaibh, táthaoi tamall maith ceangailte 'n-a chéile: scaraidh. Ní éireóchaidís as a chéile choidhche ach gur scrios an dlighe iad: ní stadfaidís d'achrann. Bhíodar as a chéile i bhfad sara dtáinig na gárdaidhe: scartha: curtha ó chéile: gan bheith ag troid. Scéal as a chéile go maith seadh Diarmuid agus Gráine: cúmtha go sár. Ní fhéadfadh sé bheith chómh lag san ar fad mar d'ól sé an deoch as a chéile: gan aon mhórstad do dhéanamh léi. Cuir na leitreacha go léir as a chéile i slighe a's go bhfaghair chun do láimhe iad nuair bheir dhá seachadadh: in órdughadh dréir a seólta. Déinimís an turus as a chéile in aon lá: gan stad nó briseadh. B'fhada as a chéile a chnámha nuair shéid an pléascán san aer é: scaipeadh soir siar iad. Cuirtear um a chéile na leabhartha beaga, an dálta céadna leis na leabharthaibh móra: in aon chlais amháin: san bhfoscal céadna. Toisc na droichiontaoibhe a bhí aca as a chéile ní raghadh aonne aca isteach in uaimh roim an nduine eile ar eagla a dúnta air: ceal muinghine ag duine san duine eile. Beiridh fada anois air, tá dóthain gach aonne annso agus ná labharaidh as béal a chéile ag lorg na coda is fearr: d'aonghuth. Beag baoghal ná go ndearbhóchaid súd sa chúirt as béal a chéile, is cuma cá bréag nó fírinne é: go mbeid ar aon fhocal. Nuair tháinig an duine iasachta agus siopa aige san áit níor thaithnigh sé leis na siopadóiridhibh eile, agus d'éirigheadar as tóin a chéile 'n-a choinnibh: chabhradar a's labharadar ar son a chéile. Druididh chun a chéile seadh is fearr do chloisfidh sibh a chéile: tagaidh níos giorra duine don nduine eile. Bíonn sibh i gcómhnaidhe chun a chéile, ach ní fhéadfadh aonne déanamh amach an mbíonn sibh i ndáiríribh: gan bheith róshíothchánta, ag ciapadh. Labharadar chun a chéile tréis seacht mbliadhan tosta: chuadar ag cainnt lé chéile. Nílid ag labhairt chun a chéile lé fada: níl aon mhuinnteardhas eatartha. Ag dul chun a chéile bhíodar nuair bhuaileadar lé chéile ar an mbealach: ag fiosrughadh, duine an duine eile. Bíd ag dul chun a chéile lé déidheanaidhe, chonnac iad i dtighthibh a chéile: ag siubhal ar a chéile. Níl aon dul chun a chéile déanta ag an mbarracht san indé: aon táthughadh: dlúthughadh. Níl aon dul chun a chéile aca ó bhíodar i ndlighe lé chéile: aon chómhluadar: fonn muinnteardhais. Ná bíodh aon dul chun a chéile ag an dá leómhan, nó stolfaidh a chéile as a chéile: aon chonbharsáid, aon tslighe gur féidir leo bualadh lé chéile. Féachann an bheirt dreathár

chun a chéile go maith: cabharaid lé chéile. Ná bídh chun a chéile, rud gránda ait seadh bheith in earrad lé chéile: ná bídh ag faire ar a chéile chun bheith in achrann. Chuir an sionnach olc ag na hainmhidhthibh chun a chéile lé n-a chuid suainseáin eatartha. Chuirfeadh an duine drochaigeanta san ar buile chun a chéile lán bhaile dá bhféadadh sé é: fearg ortha lé chéile. Thug an dá reatha fé chéile go cealgánta agus ní fheacaís péacáil go dtí í: d'ionnsaideadar a chéile. Béas san dúthaigh seo seadh lucht aon chine d'adhlacadh i dteannta a chéile in aon roilig: in aon áit amháin. Fanaidh i bhfochair a chéile anois, mar sin, ars an t-athair, mara bhfuil fonn oraibh crích do chur oraibh féin: in aon bhuidhin. B'fholláin dom go raibh gach aon rud i bhfóireamh a chéile agam ar theacht don gcigire, mar is é bhíonn go cáiréiseach: curtha lé chéile go baileach. Cé bhí i gcoinnibh a chéile ag imirt na gcártaidhe? mar páirtidhthe gen-a chéile. Ní réidhteóchaid choidhche, táid i gcoinnibh a chéile riamh, gan sos ná suaimhneas do thabhairt dá chéile: i bhfreasabhra: gan aontadh. Thug an dá arm an mhaidean ag gabháil dá chéile ag ionnsaidhe agus ag aithionnsaidhe a chéile: d'iarraidh a chéile do chlaoidhe. Beidh sibh ag gabháil dá chéile go ndéanfaidh sibh díobháil dá chéile: ag troid. Bíonn leanbhaidhe scoile riamh ag gabháil ar a chéile: ag bualadh. Bhíodar ag gabháil thar a chéile nuair bhuaileadar ar a chéile: ceann aca dul chun cinn ar an gceann eile, nó ag teacht ó threódhanna codarsna. Beimíd i gcoinnibh a chéile ar an mbóthar: ag teacht in aghaidh a chéile. Beidh an bheirt iomarscálaidhthe ag dul lé chéile ist oidhche ambáireach: ag troid: i gcomórtas. Is fada bhíodar ag dul lé chéile sar ar phósadar: ag congbháil cuideachtan. Thugadar an oidhche ag áiteamh 'sag argóint, agus bhíodar ag dul dá chéile a shárughadh: ag teip ortha an fear maith d'fhagháil ar a chéile. D'éirigheadar dá chéile leis an náire sa deireadh: stadadar de bheith ar easaontas nó in iomarbháidh. D'éirigh Seán a's Máire dá chéile: d'imthigheadar ó chéile: chuireadar deireadh leis an gconbharsáid a bhí eatartha. Níorbh fhios den dá chapall ceaca bhuaidhfeadh ar feadh i bhfad, deirim leat go rabhadar ghá thabhairt dá chéile go dian: is eatartha bhí an dian rás. Fair anois an bheirt chómhairle seo is fada faltanas eatartha, tabharfaid dá chéile ó thalamh anois é san gcúis dlighe seo: beid ag dianthagairt na dlighe agus ag tabhairt péac dá chéile. In aghaidh a chéile bheid faid mhairfid: gan síothcháin. Cuireann an dá thaoide in aghaidh a chéile ag gob an oileáin: rithid i dtreódhannaibh codarsna. Ná seasuighidh in aghaidh a chéile ar an dtoghaidh nó ní raghaidh aonne agaibh isteach: i bhfreasabhra. Suighidh ar aghaidh a chéile go bhfeicidh sibh a chéile: iompuighthe ar a chéile. D'fhéachadar ar aghaidh a chéile sall go dorcha: treasna na slighe eatartha. Tagaidh isteach i ndiaidh a chéile agus ná bídh ag brughadh sa doras: duine ar dhuine. "I ndiaidh a chéile déintear na caisleáin": smut ar smut: beagán ar bheagán: bíodh foidhne againn a's sroichfeam ár dtriall: tagann gach maith lé cáirde. Is fada i ndiaidh a chéile an bheirt sin b'fhuraist aithint go ndéanfaidís é (pósadh) sa deireadh: ag suirghe: éileamh aca ar a chéile. An bhfuilid i ndiaidh a chéile fós gan aon réidhteach? ar míomhuinnteardhas. Leighidh a chuid i ndiaidh a chéile: chuaidh a mhaoin ar ceal 'n-a cuid a's 'n-a cuid. Tháinig an sluagh orm aniar i ndiaidh a chéile in órdughadh: gan aon aitreamh. Tairng an lámh i ndiaidh a chéile nó goirteóchair me: go cómhshnáthach: leis an acfuinn chéadna ionannach. D'éirigh an truth aníos as an bhfarraige i ndiaidh a chéile go raibh aoirde crainn 'n-a muineál: beagán ar bheagán: i leabaidh a chéile. Fanaidh i ndiaidh a chéile: ná tagaidh in aonfheacht. I ndiaidh a chéile shiubhalann sé: go hanmhall ar fad: uidh ar n-uidh. Os chómhair a chéile tagaidís agus socruighidís eatartha é: i láthair a chéile: i bhfiadhnaise. Laistiar dá chéile chúisigheadar a chéile i ngoid an airgid, os chómhair a chéile shéanadar san: as aon

láthair agus ar aon láthair. Os chómhair a chéile b'fheárr liom a bheith a's ní taobh ar thaobh ná laistiar: ar aghaidh a chéile. Ní fiú thar dhá mhíle púnt na trí tighthe a's iad do mheas lé chéile: iad do chur i dteannta a chéile: gan meas aonair do dheanamh ortha. Ceaca a chéile? ní aithnighim duine den gcúpla so ón nduine eile, a chosamhla atáid lé chéile: ceaca duine aca thar an duine eile. Ceaca a chéile des na leabharthaibh seo?: cad é an aithint ó chéile atá ortha.

ceileabhar: *f.1.* ceól éan: séimhe gutha: sians. B'fhearr liom beagbhiadh agus ceileabhar na n-éan fén dtuaith 'ná saidhbhreas agus glórtha gránda na cathrach: binneas. "Nuair chloisinn ceileabhar a gutha d'eitealladh mo chroidhe lé háthas": séise áluinn.

ceileabhrach: *a.* ceólmhar, binnghuthach, siansach. Is í an tír seo a bhí ceileabhrach go dtí gur ruaigeadh Sasana as chuid di, ach go háirighthe: ag dul chun deireadh: ar gcúl: in olcas. Budh ghlórach ceileabhrach bhíodh an gleann maidean chiúin earraigh na héanlaithe ghá fhéachaint le chéile: aoibhinn lé ceól. Ceól ceileabhrach do baintear as an gcruit: ceól anbhinn. Budh thaithneamhach bheith ag éisteacht leis an nguth cheileabhraigh a bhí aige ag léigheamh: guth cheólmhar, bhinn.

ceileabhradh: *f.3.* (*-bhartha*) slán do chur le, slán d'fhágaint ag: slán: treithear: ceol éan: sollamnadh: sollamnadh an aifrinn: tréigean: dul cun. D'imthigh sé uainn tréis a ndeárnamair do, gan chead gan cheileabhradh: gan a fhiafraighe ar mhisde dho fágaint nó gan slán d'fhágaint ag neach. Chuadhas go stad na traenach ar maidin chun ceileabhartha leis: chun slán do chur leis. Sheasaimh fear an tighe ag ursain an dorais ag tabhairt ceileabhartha do gach n-aon dá dtáinig isteach: ag cur fáilte rómpa. "Beannacht Dé agaibh", ar seisean, "go bhfeicead airís sibh". Sin é ceileabhradh d'fhág sé againn: an slán: an deaghghuidhe. Ag ceileabhradh dho dhom chroith sé lámh liom go báidheamhail: ag scaramhaint liom. Dá gcloistheá an ceileabhradh d'fhág sé agam ag imtheacht do níor róbhanamhail é: d'fhág sé a shlán go míbhéasamhail 'n-a dhiaidh. Dhéanfad dul isteach gan chead gan cheileabhradh dhuit: gan bhladh gan bhuidheachas duit: gan oiread agus é d'fhiafraighe dhíot. Tráthnóintidhe a's me im gharsún shíninn sa Ghleann Dearg, lán d'iongadh im chroidhe beag, óg, ag éisteacht lé ceileabhradh na n-éan ar an sceich: tréithear a's ceól. Budh dhóigh leat ar cheileabhradh na bhfuiseóg an mhaidean mhoch úd go mbrisfidís snaithínidhe a muineál lé neart a nglóir: cantain bhinn, bhuacach, anamamhail. Níl ceileabhradh éan seach scread na bhfaoileann le clos ar an oileán: ceól nó cantain éan. Beidh an t-aifreann dhá cheileabhradh níos luaithe ambáireach toisc go bhfuil ar an sagart dul i sochraid: dhá rádh go sollamhanta.

ceileabhradh: *f.* (*-bhartha*) tréigean, dul as, dul chun deireadh; dul as amharc, múchadh. Ní thugaim chun cruinnis go rómhaith anois an long lé n-a faid ó bhaile, tá sí ag ceileabhradh uaim go tapaidh: ag imtheacht as radharc. Níor bh'fhada eile go mbeadh an t-iascach ag ceileabhradh agus bhí imshníomh ortha ualach do bheith aca sara ndéineadh: ag dul ar gcúl: ag múchadh nó ag dul. Ní h-aon cheileabhradh chuaidh ar iascach na habhann ach feabhas, beireann bradáin ann d'aindeóin na bradaidheachta, chómh hiomadamhail a's bheiridís riamh: aon teip: aon luigheadughadh. Scannruigheas nuair chonnac an talamh ag ceileabhreadh orm sa cheódh a's sinn chómh fada chun na farraige: folughadh nó doircheadas ag teacht air. 'san traen go raibh mo Mháire uirthe ag

ceileabhradh uaim is cuimhin liom go raibh frasa deór liom ar eagla ná feicfinn airís í: ag múchadh in achar. Rugadh ag ceileabhradh orm agus cuireadh mo lámh suas: ag séanadh an datha budh cheart d'imirt agus é agam (ceileabhairt). Rinnis ceileabhradh ar mhuilleat ó mhuilleat, triuch d'imris: shéanais an cárta budh cheart duit d'imirt. Ceileabhradh na haoise a tháinig air a's ní ceileabhradh sláinte: an dul chun deireadh thagas ar an nduine leis an aois a's ní teip sláinte. Ag déanamh ar lár oidhche bhraitheas ceileabhradh ag teacht orm cheal ithte i rith an lae roimhe sin: lagughadh cumais. Tuige ná pósfadh sé, ní haon cheileabhradh atá fós air: dul chun deireadh: trághadh sláinte ná nirt. "Táir ag ceileabhradh orm", ars an fear leis an lóchrann nuair bhí an oíle ag druideam le tóin: ag teip. Cú seadh í go raibh siubhal maith tamall innte; tá sí ag ceileabhradh anois: níl an oiread coisidheachta aice a's bhíodh. Bíonn na cosa, na cnámha, na géaga, na súile etc. ag ceileabhradh ar an aois: ní bhíd in aon ghiorracht do bheith chómh maith agus bhídís leis an óige. Buidheachas lé Dia nár háirigheadh fós me ar lucht ceileabhartha mo dhúthaighe: na daoine nár chóimhlíon a ndualgas di. Téidhir i gceileabhradh in áit éigin ná faghaidh na saighdiúiridhe thu nó is tinn duit: i bhfolach: ar ceilt. Is olc an béas ceileabhradh ar cártaidhe mar thairngeóchadh sé achrann: gan dath do thabhairt do dhath. Bíonn an duine ag ceileabhradh ó n-a caoga amach: ag tréigean. D'imthigh an teasbach de nuair bhraith sé an t-airgead ag ceileabhradh a's gan aon teacht isteach aige: ag caitheamh leis: ag dul i ndísc. Ceileabhradh ort! chun deireadh go dtéidhir! Ceileabhradh orm! má táim ag innsint éithigh duit: marbh go rabhad! as amharc go dtéidhead!

ceileabhraim: *b.a. 7 n-a.* cainntighim, agallaim, beannuighim do, fáiltighim roim: cuirim beannacht, slán lé: canaim: comóraim: cúbaim an dath ar chártaidhibh. Cheileabhradar dá chéile i mbréithribh binne ar bhualadh lé chéile dhóibh: bheannuigheadar dá chéile: labhradar focail mhíne lé n-a chéile: forán: beannachadh. Cheileabhradar, an dá bhád, ó n-a chéile i ndoircheacht na hoidhche agus in aoirde an ghála: chuadar amugha ar a chéile. Cár cheileabhair an leabhar d'fhágas annsan nóimint ó shoin, ná faghaim i mball ná i mbeárnain é? cár imthigh as amharc? Ná bíodh aon eagla ort go gceileabharfad-sa ort, bead-sa ar do thaobh go deireadh na scríbe: go dtréigfead: go gclisfead. Ceileabharfaidh an dath san leis an sín a's leis an aimsir: tréigfidh: feódhfaidh. Cad é an cárta gur cheileabhrais uaidh? an cárta nár thugais a dhath féin do. Cheileabhair an fathach d'Fhionn agus cheileabhair Fionn do: bheannuigheadar dá chéile. Ceileabharfar aifreann don mharbh ar maidin roim an sochraid: sollamhnófar aifreann: déarfar nó léighfear aifreann leis an onóir agus na gnásaibh oireamhnacha d'ócáid chómh diadhasamhail. Cheileabharfadh na héanlaithe gach maidean go moch ar ghéagaibh crann os chómhair na fuinneóige agus thuiteadh sé dá chodladh airís lé haoibhneas a séise: chanaidís chómh binn sin. Ceileabharfad duit anois, mar is mithid dom bheith ag baint mo thighe féin amach a's turus fada rómham: fágfad slán agat. Dá mbeitheá ag beannughadh choidhche dho ní cheileabharfadh sé dhuit: ní labharfadh sé i mbeannachadh dhuit. Cheileabhair na saighdiúiridhe don uachtarán a's é ag gabháil thársa: thugadar cómhartha mileata do lé honóir do.

ceileabhraim: *b.a. 7 n-a.* foluighim, tréigim, lócaim ar, imthighim as radharc, feódhaim. Dá fheabhas a's dá lúthmhaireacht iad do chnámha ceileabharfaid fós, a's beir gan tapa gan treóir: raghaid chun deireadh, in olcas. Cheileabhair duine des na rámhaidhthibh lé stros na hoibre a's buadhadh ortha: thréig a neart. Ná bíodh aon eagla ort roim an roth

san, ní cheileabharfaidh sí ort: ní theipfidh sí: ní éireóchaidh aon rud di a dhéanfadh díobháil duit. Cheileabhair na dathanna agus ritheadar leis an mbáistigh: d'fheódhadar. "Níor cheileabhras fós!" deirtear lé gáirdeachas nuair bhíonn beart mhaith déanta ag duine a's gan choinne lé n-a dhéanamh. Brostuigh, caith do líon, ceileabharfaidh an t-iasc ar an dtairnge: múchfaidh sé: buailfidh sé a cheann fé: raghaidh sé fé loch. Muna luathuighimíd beidh thiar orainn, mar beidh solas na gealaighe ceileabhartha orainn a's gan é ní bhfagham ár slighe: teipighthe. "Má tá aon tuairisc agat ar bhás mo leinbh, ná ceileabhair orm é", ars an mháthair chráidhte. Aon rud a bheadh agam ní cheileabharfainn ort é mar is fiú liom ort aon rud a bheadh agam do thabhairt duit: ní locfainn ort é: ní shéanfainn ort é. Ceileabharfad uaibh de dhruim an chnuic chómh luath agus chloisfead an chéad philéar: imtheóchad as radharc.

céileach: *a.* lighe, do bheith cuideachtamhail, conbharsáideach, ceangailte lé, caomhna nó seise: fear nó bhainchéile. B'annamh leis bheith neamhchéileach a's tá sé indiugh, duine cainnteach, fiafruightheach de ghnáth seadh é, a's níl dundrum as: neamhfhonn coidrimh, cuideachtanais. Cad fáth gur chaithis do bheatha gan bheith céileach? budh chóraighe dhuit beag a's muirear a's cúram do bheith ort: páirtidhe beatha: céile mhná. Bead céileach leat ar do thurus go B'l'Áth Cliath, budh mhaith liom an áit d'fheicsint: bead it fhochair: tionnlacfad thu.

céileachas: *f.1.* cóimhleapanas cumaisce, lánamhnas. Pósadh geanmnaidhe deineadh ortha, ní dheárnadar céileachas riamh: gidh go rabhadar pósta ní dheárnadar cumaisc colna: clannughadh. Cé gur chaitheadar na bliadhanta ag oibriughadh in aon obair agus in aon árus i bhfochair a chéile ní dheárnadar aon chéileachas lé chéile: aon choidreamh dlúth.

ceileatas: *f.1.* ceilt, clúdach, folach, deiscréideacht, leithreachas: rúndacht, folachas. Duine oscailte gan cheileatas ar aon rud a bheadh aige seadh é, b'fhuraiste dhuit an biadh d'itheadh 'n-a thigh: gan aon fholach dhá déanamh aige: é fáilteach fé n-a chuid. B'fhuraist aithint dom go scéidhfeadh mó rún uait, béalscaoilteach gan cheileatas ar aon nidh: gan ionat aon rún do choimeád. Go ndeachaidh sé síos 'on talamh dhéin sé ceileatas ar an oidhche rug sé ar a chómharsan ag fogha a thighe, rud dá bhfaighfí amach airsean gur mór an bhuadhairt é: chongaibh sé rún air. An rud go mbeidh a fhios ag an saoghal ambáireach, cad fáth an ceileatas? an folachadh. Fé cheileatas mo sheómra féin adubhairt sé liom go raibh eagla air nách fada mhairfeadh sé: in uaigneas: i bhfolachas. An t-ór do fuaireadar ar an máirnéalach báidhte, bhí duadh ortha ceileatas do dhéanamh air, mar bhí an lucht ceannais ghá gceistiughadh go dian: folach. Sé áit ceileatais a bhí aige a's é ar a theicheadh ná in uaimh faille mar a dtagadh sé ón muir: áit folaigh. Ní dhéanfainn choidhche ceileatas ar m'aigne nuair budh ghábhadh an fhírinne d'innsint: ní dhéanfainn rún dem smaoineamh: scaoilfinn amach a mbeadh istigh agam. Níl an rún is uaignighe i gcroidhe an duine i gceileatas ar Dhia: i bhfolach.

ceileatram: *f.1.* folach, scáth, scáthadh, bréagchruth, camalama, cíorthuathail, fudairnéis, meidhirisce, mearughadh. Ná bíodh aon cheileatram ort leis, scaoil chughainn do scéal nó seadh is measa dhuit: a bheith ag congbháil nidhthe do thárlaidh i bhfolach orainn. Ná bíodh aon cheileatram ort, ní dhéanfaidh t'fhínéacht aon dochar: gan an t-iomlán

d'innsint. Cuirfead ceileatram orm gan rudaidhe áirighthe rúnda d'innsint: scáth: cúlbhántacht trí náire. "Mise a mhairbh é", ar seisean gan ceileatram: béal na gclár: gan aon scáth: go toilteanach. Má bhíonn a thuilleadh folaigh dhá dhéanamh ar bheith ag goid earraidhe isteach thar teórainn scéidhfead gan chead gan cheileatram: gan a fhiafruighe de neach a cheart nó a mhícheart: inneósfad an uile rud mar tá. In a raibh ráidhte aige 'n-a dhearbhughadh deimhnigheadh ná raibh ann ó thúis deireadh ach ceileatram bréag: éitheach dearg ó thóin ceann. Is deacair teacht ar bhreith sa chúis seo, de bhrigh go bhfuil ceileatram fínéachta innte go trom: aimhréidh: ní thagann an scéal lé chéile dréir na fínéachta éagsamhla. Ó thúis deireadh ná creid focal de – níl ann ach ceileatram bréag: sraith: mórchuid.

ceilgmhian: (**cealgmhian**) *b.2.* droichmhian: mian go mbeadh inntin an duine lé díobháil do dhéanamh dá chómhdhuine. B'é ceilgmhian an fhir nimh neamhaithnid do chur i ndigh a mhná chun a treascartha: mian a cúirim do chur de. An té go mbíonn cealgmhianta aige ní éirigheann leis ceileatas do dhéanamh ortha do shíor, scéidheann a mbeirt sa deireadh: drochaigne díobhála cháich. Ceangaltar orainn cealgmhianta na colna do smachtughadh, ar son Dé, ar ár son féin agus ar son cháich: an dúil pheacamhail dhíobhálach. Fairír níl i dtíorthaibh beaga cealgmhianta na dtíortha móra ar iad do chongbháil fe chois do chosc: smaointe chun díobhála.

céilidhe: *b.4.* cuaird ist oidhche ar thigh cómharsan chun cuideachtan agus cómhmhuinnteardhais, scoraidheacht. Budh cheart i nDomhnach go mbeadh aithne agam ar na daoinibh sin ná téidhim ar céilidhe gach oidhche sa tseachtmhain chúcha, tamallacha ag cur an tsaoghail 'sa chúrsaidhe trí chéile, tamallacha ag scéalaidheacht a's tamallacha lé ceól a's rinnce: cuaird nó geábh cuideachtan a's cómharsanachta. Bíonn céilidhe uair sa tseachtmhain ag ógánaibh an pharóiste ghá n-aoibhneas féin: rinnce a's ceól etc.

céilidheacht: *b.3.* an aiste bheith pósta: dualgas pósta: suirghe: tochmarc. Bhuaileadar lé chéile ar an luing ón Oileán Úr, chromadar ag céilidheacht agus sar ar shroicheadar port bhíodar geallta: ag suirghe: ag cur grádha in iúil dá chéile. An té a bhíos i gcéilidheacht ní bhíonn sé chómh neamhspleádhach le duine aonda: an té ná bíonn pósta: aontumha. Níor chóimhlíonadar riamh an bheirt chéadna céilidheacht, scaradar an lá phósadar, b'shin é a margadh. Bean ná raibh go maith n-a sláinte dob eadh í nár réidhtigh céilidheacht léi: ar aiste bheith pósta.

céilidhim: *b.a. 7 n-a.* tugaim cuaird ar: déinim suirghe(acht) lé, tugaim iarracht ar chion do bhuadhachtaint. B'fhada chéilidh sé í sar ar aontuigh sí lé fáinne do chur ar a méir: b'fhada d'iarraidh a cion do bhuadhachtaint chuige. Is orainn ná bíonn an t-uaigneas fén dtuaith céilidhimíd i dtigh éigin gach oidhche: tugaimid cuaird ar.

céilidhtheóir: *f.3.* duine a théidheas cuaird i dtosach oidhcheanta, ag cómhrádh leis na comharsanaibh, ag éisteacht lé scéaltaibh, ag amhrán nó ag rinnce nó ag déanamh sughchais ar aon chuma. "Dé bheatha-sa, a chéilidhtheóir oidhche": a dhuine a thagas gach oidhche. Rug na gárdaidhe ar scata mór céilidhtheóiridhe agus seirbheáladh iad toisc ná raibh cead na dlighe aca! daoine go raibh fonn ranngáis, rinnce a's sughchais ortha.

ceilim: *b.a. a.b.* ceilt *a.r.* ceilte. Foluighim, séanaim, cuirim i mbréigriocht; séanaim an dath in imirt, diúltuighim ar: clisim, teipim ar, meathaim ar. Idir tu a's Dia ná ceil orm, agus ní bheidh aon mhilleán agam ort, ach an fhírinne, an raibh aon lámh agat i lámhach mo mhic? ná congaibh rún air. Cheil sé orm é, má tá a fhios aige go mbeidh togha coitcheann ann roim Nodlaig: níor leig sé liom a chuid eolais: chongaibh sé dorcha é. Beir i dtigh, a chailín mhaith, ná ceilfear biadh ort: in áit go bhfaghair flúirse agus togha lé n-itheadh. Chaith sé trí lá in aonfheacht linn in Áth Cliath agus é mar ualach orainn. Cheil sé orainn airgead do bheith aige: chongaibh sé mar rún é. Cár cheilis do chuid airgid ná fuair na gadaidhthe é a's ar dheineadar de chuardach? cár chuiris i bhfolach é. Ná ceil orm é más mac do Shéamais Dubh thu? ná séan é: admhuigh é. Cheil sé an trí triuch ar cíonmhágh triuch, bíodh a lámh thuas: b'é a cheart é d'imirt dréir dlighe na gcártaidhe. Cad b'fhéidir liom do dhéanamh? gheall sé go dtiocfadh sé. Ní cheilfinn air gan fanacht leis: ní chlisfinn, ní mheathfainn air. Theastuigh púnt uaim go dian, loirgeas air, ach cheil sé orm é agus é aige: d'eitigh sé me. Is breágh dho é, níor cheil an fhéile air: thug Dia an fhéile mar thabharthas do. Níor cheil Dia aon tabharthas air a dhéanfadh fear de: sláinte: dathamhlacht agus inchinn: thug Dia dho go rabairneach. Ní haon mhaitheas bheith ghá rádh gur droichfhear é, ní cheilfeadh aonne a bhfuil déanta aige dos na daoinibh: tá sé anshoiléir a bhfuil déanta aige. Ní cheilfead ort é, teastuigheann airgead uaim, táim anbhocht: admhóchad é: is fearr dom a innsint duit. Ag déanamh ar mhaidin do cheil an solas orainn cheal a thuilleadh oíle: do theip nó do thréig sé. "Ní cheileann meisce rún": "nuair bhíonn an fíon istigh bíonn an chiall amuigh": nuair bhíonn duine ar digh bíonn sé béalscaoilteach agus gaibheann an rud a bhíos istigh 'n-a chroidhe amach nuair scaipeann an chiall. Díomhaointeas seadh aon rud d'fhiafraighe dho chun eolais, cheilfeadh sé aonnidh le corp cladhaireachta: shéanfadh go raibh aon eólas ná cur amach aige ar rud má oirfeadh do.

céillidhe: *a.* ciallmhar, forasta, glic. Déin rud orm agus déanfair rud céillidhe má bhailighir beagán, dá luighead é, gach bliadhain i gcóir deireadh do shaoghail: ciallmhar, fuaimeantamhail. Ní céillidhe an rud do dhuine a cheann do shádhadh i scéal ná baineann leis: ní rud é go bhfuil réasún leis: an chómhacht atá in inntin an duine gur féidir léi an ceart agus an fhírinne do bhreithniughadh. Is míchéillidhe an rud do dhuine a chuid do chaitheamh in aonfheacht mar is le linn an easbhaidh braithtear an ceal neamhréasúnta: gníomh gan puinn fadaradhanachta bheith ag baint leis. Ar an gceaint bheith féin agat ní chéillidhe gach re seadh do thabhairt d'uachtarán, ó bhíonn duine fé n-a chómhacht: críonna, gaoismhear. Duine céillidhe a raghadh amach ar mhnaoi, óir deir an seanfhocal nách luaithe ar an ngaoith Mhárta 'ná ar a hinntin: duine doimhin, tuigseanach. B'é budh chéillidhe dhuit gan breis airgid bheith ar iomchar agat in áit iasachta ar eagla droichtheangbhálaidhthe: b'é dob fhuaimeantamhla, budh mhó réasún leis.

ceilméartha: *a.r.* léidmheach, áidhbhéiseach, toirteamhail. Budh bheag mo dhul ar é do leagadh, fear ceilméartha mar é go bhfuil mo dhá neart agus mo dhá thoirt ann: arrachtach: chuirfeadh a mhéid creithniughadh ort. Gaiscidhigh cheilméartha dob eadh an Fhiann, budh dheacair a gcómh d'fhagháil: fir go raibh scrothaidheacht agus neart ionta. Chonnac, agus ní fheaca riamh go dtí san, trod i ndúlann Áth Cliath an lá eile, agus deirim leat gur ceilméartha an t-ainmhidhe é: mórthoirteamhail, cumasach. Ólaidhthe

ceilméartha aniardtuaidh le fuinneamh gaoithe sa gheimhreadh dhubh ag briseadh i gcoinnibh na bhfaillteach bhfiadhain a chuireadh scannradh i gcroidhe na n-iascairidhe: tonnaidheacha ar nós cnoc ag liathradh 'sag stialladh ar thalamh.

ceilt: *b.2.* folach, clúdach; séanadh, eiteach, diúltadh. Nách támáilte taoi i dtaobh na gaisce atá déanta agat, cad é an cheilt atá agat air? cad fáth bheith ghá chongbháil chughat féin? In aimsir na buadhartha rinne sí ceilt orm i ngan fhios d'aonne beó ar chonntabhairt mhór di féin: thug sí "clúid fé n-a brat" dom: dhein sí folach orm ó chonntabhairt mo bheatha. Creid mise leis go bhfuil sionnaigh fé cheilt sa daingniughadh san: i bhfolach i ngan fhios: fé chlúdach. Fuairtheas marbh ar a leabaidh é tréis na hoidhche, congaibheadh fé cheilt é, leigeadh amach nár bhás obann é: deineadh rún de. Fuair sé cuid na fuirinne ar fad le roinnt ortha ach bhí sé ar a dhícheall d'iarraidh breis do bheith aige féin agus a gcion do cheilt ortha eile: do chongbháil uatha go cam a's 'n-a rún. Seadh, táim i ngrádh léi, níl aon cheilt agam air: admhuighim go fonnmhar é: ní shéanaim é. Ní raibh aon cheilt ar airgead aige ar a chlainn, theann sé leó é gur dhealbhuigheadar é: níor dhiúltuigh sé é thabhairt dóibh: níor eitigh sé iad nuair iarradar é air. Nách cluthair seascair mar a mbíonn a nead ag an ndreóilín, a béal fé cheilt ón sín a's ó radharc: gan é le feicsint, ná deallramhtach do bheith ann. Fuair m'iarratas an cheilt: an rud a iarras congaibheadh uaim é. Ar theacht isteach dom cuireadh fé cheilt pé nidh a bhí ar siubhal aca: d'éistigheadar chun ná beadh a fhios agam cad bhí ar siubhal.

ceilte: *a.r.* clúduighthe, foluighthe, eitighthe, diúltuighthe, séanta ar chártaidhibh. Fé shraod a chasóige in áit cheilte bhí an seanduine ag cur a chuid airgid ar eagla a scaramhana leis: an áit fholuighthe: mar a mbíodh sé gan radharc gan fios air ag neach. Ball ceilte seadh an raingléis charraigeach san d'aon rud a bheadh ar teicheadh: áit gur bhfhuraiste dul amugha ar an dtóir ann. Seadh, ní fhéadfá a thuilleadh do dhéanamh orm, tá an nidh iarras ort ceilte agat orm: eitighthe: níor thugais dom an rud a bhí uaim ort. B'fhearr dos gach aonne i ndeireadh dála ceilte an marbhadh 'ná innste mar tiocfaidh achrann a's buadhairt as: é do chongbháil cluthair. Nách air atá an t-éadan an cárta ceilte sin d'imirt, níor thug sé spéarthat do spéarthat ach triuch: cárta d'atharrach datha d'imirt. B'fhada ceilte aige air an t-airgead a bhí ag teacht chuige ag udhacht a athar: b'fhada 'n-a rún aige é agus gan a thabhairt uaidh.

ceilteach: *a.* séantach, claon ar rud do shéanadh nó do chongbháil 'n-a rún. "Buachaill níos ceiltighe ar scoil", ars an máighistir, "níor bhuail liom faid bhíos ag múineadh, riamh ní admhóchadh sé aon rud mícheart a bheadh déanta aige": a raigheadh i gcóis ar aon rud a bheadh déanta aige. Is ceilteach iad taidhleóiridhe, is beag dá rún do thugaid don gcoitchiantacht: cluthair, neambhéalscaoilteach, deiscréideach. Ní féidir bheith ceilteach ar Dhia in aon cheann dár ngníomhaibh, is soiléir, cómhsolais do na smaointe is sia siar 'n-ár n-aigne: foluighthe ná séantach. Ní bheinn ceilteach ar an bhfírinne dá me thu: bheith ghá congbháil marbh.

céim: *b.2.* truslóg siubhail, aon ghluaiseacht amháin chun cinn nó chun deireadh ar na cosaibh: ascnamh: imtheacht: glúin: éadach nó ísliughadh in oideachas etc.: aiste, clú, stáid, órd, rang, oirmheas: iomarbháidh: bealach: cruadhtan: cúis. Ag tógaint an chaisleáin dóibh ar feadh bliadhna, nuair stadadar de budh bheag leis an dtaoiseach an

chéim a bhí déanta aca: an dul chun cinn nó ar aghaidh. Tabhair céim eile níos giorra dhom agus sroichfidh mo lámh thu: tair tamall eile. Cad thárlaidh dhuit, tá céim bhacaighe ionat? lochtach id shiubhal. B'ait an chéim a thugais an lá cheannuighis an bathalach tighe sin: gníomh. Seachain tú féin, tá céim chonntabharthach ag dul thar abhainn annsan: staighridhe, tóchar, nó a lithéid go sleamhnófá ann. Luathuigh ar do chéim nó beam déidheanach, is mall liom thu: brostuigh, géaruigh, deifrigh ar do shiubhal. Coisidhe maith, dar liom, seadh é, is breágh fada í a chéim: an fhaid a chuireann sé an chos ón gcois eile gach uair do chuireann sé chun siubhail. Moilligh ar do chéim ní fhéadfainn congbháil suas leat: fan níos socra. Céim fhada dheacrach as so go Corcaigh dob eadh í ag ár sínsear ag dul ann lé capall árdualaigh, foircínidhe ime ar thaobh a's anfairt ar an dtaobh eile: bealach dian anacrach. Bhain sé amach an mullach céim ar chéim go mall tuirseach: uidh ar n-uidh: beagán ar bheagán: smut ar smut. Gluaisteán maith a éireóchadh ar an gcéim sin, cnapóg ghránda fhada neamhmín: an t-árdán géar san. Má bheireann aon chéim go deó ort go dteastóchadh airgead ná cabhair uait tair chughamsa: aon chruadhtan. Bhíos i gcéim airgid, d'eitigh na bainnc me, ní bhfaghainn faic ar mo chreideamhaint: i ndraip gur dheacair teacht aiste. Budh chéim a chuid airgid sin do cómhaireamh tá sé tuillte leis: obair chruaidh dob eadh é. I gcéim thú do dhul 'on Daingean, an ndéanfá teachtaireacht bheag dhom? i gcás thú do dhul ann: dá rángófá dul ann: is beag an meas d'fhanann ag ár n-ionadóiríbh poiblidhe orainn nuair bhíd i gcéim: bíd i gceannas, san ionad a bhí uatha. Is fada ó bhí Sasana in uachtar céime, tá sí ag dul lé fánaidh: in aoirde láin: in a lán-neart a's cómhacht. Cé chuirfidh mar chéim im leith gur shéanas mo dhúthaigh riamh? labharfadh sé: cé chúiseóchaidh me? An chéim dob aoirde dob fhéidir lé lucht na hiolscoile do dháil air tugadh do í as ar dhein sé de thoighde ar dhinnsheanchas: an aiste budh mheastamhla a's b'onóraighe. Gheóbhair céim thuas ar ghualainn an chnuic gur féidir gabháil tríd: beárna nó oscailt. Ghnóthuigh sé an chéim lé déidheanaighe san arm, deineadh taoiseach de: rang an-árd, órd árd. Go céim a shaoghail ní fhéadfadh fanacht ón ól tá dúil rómhór aige ann: go fíordheireadh a bheatha. Bhraith sé mar chéim síos náireach air féin gur ceileabhradh as an arm é: dochar onóra: dochar measa. Ná bíodh aon chéim síos ort i dtaobh buachtantachta ort, buaidhtear ar an gcuid is fearr: ceannfé: náire. "Cad é an chéim airm atá agatsa?" – "captaen seadh me": an t-ionad coibhneasta a bhíos ag oifigidhibh i gcómhnáird a chéile i gcáilidheacht na hearnála den arm go mbíd in adhmannas". Céim síos ar Shasana ná tiocfaidh sí choidhche uaidh dob eadh innéirghe an t-ochtmhadh Éadbhárd: cailleamhaint onóra: dochar dá chlú. Céim síos ar Shasana ag an ndomhan an tslighe do thréig sí Málta mar lonn cabhlaighe fé bhagairt na hIodáile: d'ísligh sí 'n-a meas mar cómhacht mara. Nuair bhíodh sé 'n-a bhall de Chomhairle na Conntae, n-a bhall ar lucht stiúrtha na traenach go Tráighlí, n-a cheann cómhairle ge gach tuata go mbeadh broid, go deimhin budh mhór a chéim ameasc na ndaoine: b'árd é an t-ionad 'n-ar shocruigh siad 'n-a meas é: budh mhór dob fhiú aca é. I gcéimeannaibh (gcéimibh) cruaidhe na beatha is deacair do dhuine gan a bhotún do dhéanamh uair éigin: na tásdálacha deacra do bheireann ortha.

céimeamhail: *a.* oirdhearc, mórtach, árdionadach. Fuair sé ionad céimeamhail sa chabhlaigh de bhárr a ndeárna sé i gcoimheascar dá raibh sé: ionad anárd go mbeadh mórán measa a's onóra ag dul leis: ionad oirdhearc. Ghluais an t-arm go céimeamhail chun catha, cóirighthe, gléasta, deighineallta, dóchasach: go fuadrach, mórdhach,

deallramhthach. Budh dheacair Hitlear ná Musailíní ná Deibh do shuathadh ameasc a ndaoine mar bhíodar go céimeamhail aca: árd, anáirde 'n-a meas.

céimidheacht: *b.3.* árdmheas, onóir, oirdhearcas. Na fir bhochta a throid Seachtmhain na Cásca is dóibh budh chóra céimidheacht d'fhagháil as an mbeagán saoirse atá againn: meas mór na ndaoine. Tá breis chéimidheachta anois aige ó fuair sé bheith 'n-a ollamh le Gréigis i gColáisde na hIolscoile: breis aoirde measa. Céimidheacht d'aonne seadh bheith in adhmannas cosanta a dhúthaighe: onóir mhór. Ní h-aon adhbhar céimidheachta d'aonne ameasc a chómharsan bheith ag suainseán ortha: adhbhar measa do ghnóthughadh do féin.

céimneach: *a.* árdionadach; mórtach; suaithnidh. Dá chéimnighe bhí Lloyd George ag Sasana, 'n-a phríomhaire, é chómh cómhachtach leis an Rí féin níor fhan meas madra aca air: dá aoirde an aiste a bhí aige 'n-a riaghaltas a's n-a meas. Duine céimneach dob eadh Pádraig Mac Piarais, múinteóir, file, agus saighdiúir: duine suaithnidh: neamhchoitcheann: neamhghnáth: tréithe éagsamhla ag baint leis ná raibh leis an ngnáthdhuine. Arm céimneach seadh arm na Seapáine sa tSín anois, pé faid geairrid eile raghaidh sé: arm ascnaimh, arm atá ag dul chun cinn. Ní beag liom a chéimnighe táim anois gan onóir ná teideal d'fhagháil ar a bhfuil déanta agam, mar ná deárnas ach mo dhualgas: a aoirde táim i meas: glúin óirdheirce: sárfheabhas: deárscnaidheacht: uaisleacht ionaid. Tír chéimneach Éire anois: ag dul chun cinn.

céimnighim: *b.a.* $_7$ *b. n-a.* téidhim ar aghaidh uidh ar n-uidh, ascnaim, gluaisim ar aghaidh (ar fheabhas etc.); ríomhaim, deilbhighim. Chéimnigh an dúthaigh le deich mbliadhanaibh; cuireadh monchraidhe ar bun a's cuireadh breis bharraidhe: chuaidh sí ar aghaidh, i bhfeabhas. Céimneóchaidh ár gcion ar ár dtír lé haithbheódhachtaint ár dteangan: méadóchaidh sé. Céimnighimís ár n-eólas ar ár seanleitiridheacht má's mian linn dul ceart Gaedhealach do bheith ar ár n-iarrachtaidhibh: toighdimís a's foghluimuighimís. Ní dóigh lé daoinibh áirighthe go gcéimnigheann sé leitridheacht duaiseanna do tharang ar iarrachtaidhibh liteardha: go saigheadann sé ar aghaidh é. B'aoibhinn mar chéimnigheadh sé dhúinn cois léaspaighe teine oidhche gheimhridh, san ceól ag an simné, connus mar chaith sé a shaoghal lé fánaidheacht: mar ríomhadh sé í chuireadh sé síos a imtheachta. 'on diall me gur greanta atá a cionnaghtha céimnighthe agat san ndréachtán san: gur gleóidhte, sárthairngthe atá siad líomuighthe agat.

céimnightheach: *a.* ascnamhach, feabhasuightheach, dul chun cinn. Ní céimnightheach an bheart duit imtheacht go tír iasachta agus tosnughadh nuadh id chnagaois duit: beart nó gníomh gur feárrde thu é. Tír chéimnightheach seadh Éire anois, go gcothuighidh Dia dhi é: d'aithneófá ar na daoinibh in éadach, in iomchar, i mbiadh é: tír atá ag dul chun cinn: ag feabhasughadh go mór. Céimnightheach, ceileabhrach nó cómhnaidhtheach: ag dul chun cinn (feabhas), ag dul chun deireadh (olcas), gan corruighe (seasamhach).

céimniughadh: *f.* (*-nighthe*) ascnamh, dul ar aghaidh, deilbhiughadh le cailc, peann luaidhe: ríomh: feabhasughadh: gluaiseacht i dtruslógaibh etc. Dhearbhóchadh sé go bhfuil Aire an Oideachais ag céimniughadh léighinn a's oideachais 'n-ár measc agus dheimhneóchadh sé dhuit mar chruthughadh air sin an deifridheacht idir stáid oideachais

anois agus chúig bhliadhna ó shoin ar feabhas: ghá saigheadadh chun cinn: ag tabhairt ascnaimh mhóir ortha. Is mó thaithnigheann céimniughadh cabhlach agus géaga an pheictiúra leis na breitheamhnaibh ’ná na cionnaghtha: an líomughadh nó an tairngeóireacht: an deilbhiughadh dréir deallraimh an duine. Céimniughadh anmhall do dheineann duine dá fheabhas coisidhe é nuair bhíonn cuaróg trom thiar air: siubhal: dul ar aghaidh.

céimse: *b.4.* rang, teideal, aiste, stáid. Níor bhuaidh sé céimse ná clú in aon chath: as gaisce (ná raibh ann) níor tugadh aon chómhartha móiréise dho. Mínightear san scríbhinn diadha go soiléir na céimsidhe éagsamhla go ngaibheann an peacach tríd go sroicheann sé céim uathbhásach an éagcrábhaidh: cor ar chor. Ag dul in íogmhaireacht ’n-a chéimsidhibh do bhí an tinneas air: uidh ar n-uidh: beagán ar bheagán: go cómhshnáthach gan aon mhaolughadh. Céimsidhe: aitrimh tráthriaghalta. Ríomhaidh an chómhairle don gCúirt na céimsidhe aithiseach gur ghaibh an cosnach tríotha ó mhionghoid scillinge go míochoinghealladh na mílte púnt: na cuir diadh ar ndiaidh.

céimseach: *a.* uidh ar n-uidh, céim ar chéim, i ndiaidh a chéile, dréimneach. Tá sé ráidhte riamh go dtugann an silleadh céimseach caitheamh ar an gcloich: silleadh ar aitreamhaibh tráthriaghalta gan sos gan stad. Brisfir an téad san mara bhfaigheann sí tarng céimseach: gan stathadh grod ná stalcamhail do bhaint aiste: tarng i ndiaidh a chéile: mall, cómhshnáthach. Ní dul chun cinn obann do dhein sé ach céimseach, cinnte, i ndiaidh a chéile gan tuisle.

céimuachtarach: *a.* deárscnach, an-árd. Na h-oididhe budh chéimuachtaraighe fágadh fé n-a mbaramhal cad budh chóir do mhúineadh sa Choláisde: na hoididhe dob aoirde agus budh mhó eólas ar an rud a bhí i dtreis. Comóradh cruinniughadh d’oifigidhibh chéimuachtaracha na cabhlaighe d’fhéachaint cá n-ionnsófaí an namhaid: na hoifigidhe dob aoirde i meas agus i nglúin eólais a gcúirim. Dá chéimuachtaraighe bhí Neapóilean úirísligheadh é, fairír, a’s ó bheith ’n-a Impire a’s ’n-a cheann iongtach sluagh díbreadh ar charraig mhara é: dá mhéid réim agus cómhacht a bhí aige.

céir: *b.5.* (*g.* céarach) bracht nó bunachar reamhar, righin a bhíos i gceallaibh beach, bracht righin, reamhar glasraidhe (planndaidhe), troighin nó bracht róisíneach do cimileann gréasaidhe de shnáithín bróg: bracht nó troighin reamhar, righin a bhíos istigh sa chluais; bracht righin, tiugh go mbaintear áis as chun séala do chur ar foscalaibh, leitreachaibh etc. Gidh go gcothuightí beacha ar shiúicre amháin, tá sé de chómhacht aca céir do dhéanamh de, agus dá bhrigh sin meastar gur sughlach ainmhidhe é. Toradh as uachtar planndaidhe, agus measraidh uachtar díonuisce, an chuid den mbiadh in iasc sliogánach go mbíonn dath buidhe dearg (fáth na hainme seo a mhílseacht sa dhath): aon bhracht dlúth, righin, ceanglach, mar céir-shalachair, céir i gceiridhe dochtúra: na coinnle go léir ar cómhlasadh. Fuair sé céir na talmhan i gContae na Midhe nuair haistrigheadh ’on NuadhGhaedhealtacht na daoine: an chuid budh shaidhbhre a’s dob fhearr ann. “Íosfad-sa céir an ghleamaigh”, ars an duine miangaiseach, “léan uirthe! níl aon mhaith innte, bíodh an chuid eile agat-sa”: an biadh dearg briosc. Bain an chéir as do chluasaibh a’s b’fhéidir go gcloisfeá me! an bracht righin buidhe a bhailigheas ’n-a chnapán san gcluais. “Beireadh gach aonne agaibh”, ars an t-athair Seán, coinneal cheart-chéarach leis

chun a gcoisreaca: coinneal déanta de bhracht-shaothar na mbeach. Buanuigheann agus fáisceann an chéir a bhíos ag an ngréasaidhe ar an snáithín é: an bracht a bhíos déanta d'úscaibh cruaidhte. A thúisce a's chualaidh duine aca, cé go rabhadar sítheach grádhach lé chéile go dtí san, go dtug an chuid eile leasainmeacha air, seo an chéir fén dtrúmpa aige!: chrom sé ag baistiúchán ortha go focalach, bríoghmhar. Ar bhriseadh na connartha don Seapáin gan baint leis an Sín seo an chéir fén dtrúmpa ag na Cómhachtaibh móra eile, cad a dhéanfaidís, a's cad budh cheart a dhéanamh: ní raibh aon easbaidh cainnte ná iarraim cúis chughat ag aon cheann aca nár chuireadar in iúil ar a chéile: chromadar ar chaibideal a's ar áiteamh. An oidhche bhíomair d'iarraidh cleamhnais do dhéanamh do Phádraig Fheasógach budh mhaill leis mar bhí athair an chailín agus dubhairt i gcogar liom: "cuir céir fén seanbhuachaill!" .i. beir deoch nó dhó dho as an mbuidéal beathuisce a bhogfas é. Féach féin dá mhéid gaoithe a bhí ar chéir na haltórach nár mhúch sí! ar na coinnlibh go léir a bhí ar lasadh uirthe. Dá mbeadh sé i míle roinnt bheadh sé d'iarraidh an chéir do bheith aige, budh chuma leis cé go mbeadh díg aige: togha a's roghadh a mbeadh ar siubhal. Glan tú féin, a leinbh, tá céir shalachair ort: carra: can: an salachar 'n-a chíste anuas agus isteach 'n-a chroiceann mar bheadh ceiridhe buailte anuas ar chneadh. "Gan amhras bhí gleódháil an domhain aige sa tigh tábhairne" – "ní raibh céir a dhóthain fé; dá mbeadh": oiread ólta aige agus chuirfeadh chun seaghamtha é. Budh chuimhin le h-Éamonn (ac Síthigh) a's é 'n-a gharsún bheith ag bailiughadh céir mheala lé hárus ar an móintín lé teas a's breághthacht na mbliadhan: bruth nó brúin ceall beag go mbailightear an mhil ionta. Ní gábhadh aon chéir do chur fé chun bheith ghá spriogadh chun bruighne, tá sé beachanta a dhóthain: aon tsaigheadadh do dhéanamh air. Nuair bhíonn an deoch caithte ag daoinibh seadh théigheann an chéir fén dtrúmpa aca, a's chloisfeá gleódh a's argóint: tugaid cead reatha dá dteangain: tosnuighid ag pléidhe lé chéile.

céireach: (**céarach**) *a.* déanta de chéir, cosamhail lé. Coinnle céaracha a bhíos ar an altóir. Béas ag Caitliocaidhthibh seadh coinneal chéarach bheannuighthe do bheith i ngach tigh lé haghaidh éigne. Snáithín ceart céarach do cuireadh ag fuaghadh na bróige sin agus a rian uirthe ní scaoilfidh sí n-a dhiaidh: go raibh céir curtha tríd isteach. Tá ceal céarach ar do sciúch, níl aon ghlór agat: ceal dighe mearbhaill a chuirfeadh chun cainnte a's allagair.

ceiridhe: *b.4.* (*iol.* ceiridheanna, ceiridheannacha) plastara, ullmhúchán aráin mine ruis brain etc. lé cur ar chneadhthaibh. "Ceiridhe leighis lé tón gan tinneas" (seanrádh) lé searbhas deirtear so i dtreis dhuine bheadh ag gearán a's ag lorg leighis ar rud bheag shuarach. (Tómhas) poll a bheadh i dtóin corcáin do dheisiughadh. Cuireadh ceiridhe chlogtha (cloguighthe, 'cloicithe') leis agus d'éirigh clog mór ann go dtáinig mórán uisce as. Ceiridhe thógbhála: ceiridhe chlogtha. Fágfad-sa ceiridhe léd shaoghal ort mara stadair de bheith ag priocadh orm: cimiar: iomard: máchail ná cneasóchaidh; bascfad go trom thu. Tá ceiridhe lé n-a shaoghal air gur phós sé bean neamhghasta mar í: mío-ádh ná scarfaidh leis ach a luighfear leis mar dheineann plastara lé rud tinn. A Mháirín mo chroidhe, mo cheiridhe leighis tú, is geal lém chroidhe thu: is tú mo chéad míle searc! Níl aon cheiridhe is fearr tréis babhta óil ná ruibe de chlumh na con céadna maidean ar n-a bháireach: aon tásdáil leighis. Bean cheiridheannach seadh Máire an Tobair (Tobair an Cheirín!): bean a bhaineas leis, a bheirbhigheas iad a's a dheineas deoch nó ceiridheannacha díobh chun leighiste.

ceirighim: *b.a.* cuirim plastara nó ceiridhe lé rud tinn; máchailighim (aillbhreith). Níor ceirigheadh an chos san áit cheart, a's níor dhein an plastara aon mhaith: níor cuireadh san ionad cheart í. Ceireóchaidh an madra malluighthe sin thu mara seachnair é: fágfaidh sé máchail ort: goirteóchaidh sé go mór thu.

ceirnín: *b.4.* cearn anbheag, áruisín ar dhéanamh bodhráin nó droma agus forra anáirde ar a chiumhais (an fráma) a's croiceann leasuighthe caorach teannuighthe air. Méisín, cuireadh ceirnín phraisce chuige tréis a lae oibre, b'é sin a bhféadfadh muinntir an tighe do sholáthar: pláta beag.

ceirt: *b.2.* (*iol.* –eacha) blúire éadaigh stracaithe. Ná bí id cheirt ar gach aon tor aca ag déanamh an ghnótha so agus an ghnótha súd. Ag imtheacht 'n-a cheirt ar gach aon tor nuair bhí an iomad ólta aige: gan aon stuidéar leis. Tamall bhí sé ar thaobh na sclábhaidheachta, tamall eile ar thaobh an riaghaltais, anois tá taobh eile aige, ceirt ar gach aon tor seadh é: 'n-a Thadhg an dá thaobh. Is iomdha cailín go raibh éileamh aige uirthe, anois tá sé gan aonne, sé tá tuillte ag ceirt ar gach aon tor: suirightheóir luaithinntineach. Cuir ort do cheirteacha a's gluaiseam chun aonaigh: do sheanbhalcaisidhe (ní lé droichmheas a deirtear so in ao'chor). Cos a's ceirt uirthe: seanbhlúire éadaigh mar fháisceán. Cas ceirt ar mo mhéir, ghearras í: blúire nó stráice bheag. "Dhéanfadh sé chómh maith le fear na gceirteach" (seanrádh) deirtear so le duine gur dóigh maith déanta ruda é. Lucht ceirteach, cad bheadh aca? (searbhas): daoine gur ghnáthach leó iad féin d'éadughadh go holc cuirid iongadh nó seirbhthean ar dhuine a chlos go mbíonn cumas nó maoin aca. Seo, beir leat mo chasóg mhór ach beir leat gan ceirt do dhéanamh di: bíodh sí agat acht cuimhnigh aire thabhairt di.

ceirtleóg: *b.2.* duine, go mórmhór bean, déanta, láidir, cruinn: liathróid shnáithín. Ceirtleóg mhaith mhná seadh í, sláinteamhail, láidir, maith a dhóthain d'aon fhear: bean dhéanta, chórach. Is mór an gar ceirtleóga ruadh téadán bheith lé ceannach sa Daingean in ionad bheith ghá gceannach mar bítí: liathróididhe. Léan ort! níl aon deallramh fir ag fanacht ort tá ceirtleóg ar fad ag déanamh díot: clódh neamhchórach, neamhshlachtmhar ag teacht ar do cholainn.

ceirtlighim: *b.a.* liathraim 'n-a mheall chruinn. Nuair bheidh an súgán leigthe agat ceirtligh é, seadh is cruinne a's is soláimhe é: déin liathróid, ceirtlín, cnap cruinn de. Leigeadh mo sheanathair an súgán as thuighe seaghail, chastainn-se 'n-a shúgán fhada é síos an t-úrlar san doras amach, annsan cheirtligheadh sé féin ghá chasadh 'n-a mheall a bhíodh ag méadughadh mar dhruidinn leis, toirt peile i ngach ceirtlín díobh.

ceirtlighthe: *a.r.* casta, tochraiste mar abhras. Nuair bhíodh an snáthach ar fad ceirtlighthe aice des na feirstibh 'n-a mheallaibh móra creasacha déintí é do dheilbh ar an bhfalla: tochraiste 'n-a allaitidhibh móra. Tá cúram an doradha dhíot anois, tá ceirtlighthe ar a chéile in achrann gan réidhteach: casta, doscaoilte. Troid leó níor bh'fhéidir, mar bhíodar ceirtlighthe ar a chéile istigh i ngabhal an ghleanna a's an namhaid ar na hárdaibh 'n-a dtímcheall: bailighthe, cruinnighthe ar a chéile, gan slighe corruighthe chun gnímh

aca. Ar dhul ’on leabaidh dom bhí a héadaighe ceirtlighthe ar a chéile ag na buachaillidhibh eile, nár bh’fhéidir luighe ná suan innte: casta ’n-a gcnapán (lé seódh).

ceirtlín: *b.4.* liathróid shnáith nó abhrais, scáinne, iarna: clais, cnapóg, meall, foscal, (aillbreith) duine córach. Déanamh na ceirtlín olna a bhí ar an rud do chonnac i bhfad uaim ar snámh: déanamh cruinn. Ceirtlínidhe cloch, cad air gur maith iad? – chun tighe? – ní headh: cloch neamhchúmtha (gan chúinnidhe ná slinn) chun tógbhála. D’imthigh sé, nuair baineadh é ’n-aon cheirtlín amháin lé faill: nuair stroill a chosa d’imthigh sé ar nós na liathróide. Budh bhreágh na ceirtlínidhe ban agus fear de chlainn a bhí aca: buachaillidhe agus cailínidhe córacha, sláinteamhla. Thuit sé ’n-aon cheirtlín amháin gan éirghe as san: ’n-a phleist: ’n-a charn: ’n-a mheig. Bhuail sé amach as an mbannc ar séirse a’s ceirtlín mhór airgid a bhí sladuighthe aige fén oscail: foscal: osclán (n-a bhillidhibh). Is taithneamhach an cheirtlín chapaill é sin agat: capall gan bheith rómhór, déanta, córach. Fuaireas a chuid éadaigh ’n-a cheirtlín ar an gcarraig a’s gan aon tuairisc air féin, saoileadh é bheith báidhte: casta ar a chéile mar bheadh foscal. Déin ceirtlín díot féin! agus sáidh isteach sa pholl: connluigh chun a chéile thu féin: déin beag tú féin! Ar an gclódh atá fútha agus an fonn míréidhtigh ní fada na go mbeidh sé ’n-a cheirtlín d’ím shalach eatartha: beidh sé go haindeis, achrannach neamhghalánta eatartha.

céis: *b.2.* muc óg tímcheall leathbhliadhna d’aois. Níor mhuc í a’s níor bhanbh í a’s níor chéis í: muc nó adhbhar muice gur dheacair a haos do dheimhniughadh. Is maith an t-adhbhar cránach muice an chéis sin: muc óg go bhfuil faid ’n-a cliathánaibh.

céis: *b.2.* cláirseach, cruit, eochair cruite. Nách duairc neamh-shúgach atán sibh ’n-bhur gcruit gan chéis: gan áthas.

ceisneamh: *f.1.* dochma, neamhfhonn: cnáimhseán, canntlamh; caoineadh, míofhonn chun ruda, doicheall. “Ní fheadar cé hé ná go mbíonn ceisneamh roim an mbás aige, ars an tseanbhean ní fheadar cad as go dtána, ní fheadar cá raighead, ach tá a fhios agam cá bhfuilim”: leisce roim an mbás: cnáimhseán do dhéanamh de. Dá gcuirfinn an cnoc úd thall ar an gcnoc so abhfus do bheadh sé ag ceisneamh: ag crannán ’sag gearán i dtaobh ruda éigin. Fear misneamhail gur bheag é a cheisneamh roim dhul i gcogadh na bpiléar: fonn a shéanta lé heagla nó trí leithscéal éigin. B’é an ropaire é, budh bheag a cheisneamh a pháirtidhe ’sa chos bhriste d’fhágaint ’n-a dhiaidh ar an mbóthar: aithreachas: maoithneachas: mothúilt dá aiste. Budh dhóigh leat go mbeadh ceisneamh air roim an mbiadh ar an neamhfhonn chuige atá air: míoghnaoi: ceal ceana. Sé ceisneamh atá air, a’s ní ceal tarta, gan deoch d’ól n-ár measc go bhfuil duine ar an gcomhluadar ná taithnigheann leis: neamhfhonn luighe linn. Cad é an ceisneamh so ort anois? an dtiocfair nó ná tiocfair? tormas: neimhchinnteacht trí chúis éigin, dearbhtha nó tuigthe dhuit. Dá gcuireadh ceisneamh aonne chun báis bheadh an cníopaire diaill básuighthe míle uair: ag gearán do shíor ná bíonn sé sásta lé n-a shaoghal. “Cuireann an ghaoth láidir seo ceisneamh orm”, ars an captaon, “scaoileadh fén bhfarraige, agus an méid lasta atá ar bórd agam”: dochma: neamhfhonn lé heagla. Nuair bhís amuigh a’s gan aon tuairisc ort bhinn ghod cheisneamh, creid me, go minic, minic: ghod cháiseamh: aithreachas agus duairceas a’s uaigneas orm gan tú do bheith i láthair. Ní gan ceisneamh d’éirigh sé i meádhon agus sinn do leigeant isteach: a raibh de ghearán a’s de chúis aige: gan leisce

agus míothaithneamh. Duine ceanndáine, tuathalach, cá mbeadh a cheisneamh aon nidh do lorg? bheith leasc, mall: míothaithneamh. Bheadh ceisneamh orm an deoch leighis sin, (míodhchain, freap) an cogas san agat d'ól, do bhlaiseadh fiú amháin: chuirfeadh sé dochma orm: is i gcoinnibh mo thola d'ólfainn. Gan aon cheisneamh aigne, d'íosfadh sé fíogach (madra éisc) nó rón nó aon iasc coimhtheach eile: gan casadh aigne; gan a ghoile do chur 'n-a choinnibh. Cuirimís uainn ceisneamh, ach amach leis an airgead: ná bíodh aon chúbláil ná congbháil siar agat air. B'fhéidir ná cuireann sé brón orm é bheith marbh, ach cuireann sé ceisneamh orm: is oth liom é. Deir gach aonne ach iad féin gur lucht mór ceisnimh feirmeóiridhe: go mbíd dá fheabhas bliadhain, ag cnáimhseán: ag ceisneamh: ag déanamh gearáin nó buadhraimh gan adhbhar ceart.

ceisnighim: *b.a. 7 n-a.* gearánaim, cnáimhseálaim: ceistighim. Ceisnigheann Seósaimh i gcómhnaidhe thu i lár fear na dúthaighe: bíonn sé ghod cháiseamh: cáisigheann sé thu: bíonn sé ag tagairt duit go combáidheach dá mbeadh faic as an slighe ort. Ón lá d'éag sé uirthe níor cheisnigh sí é: níor dhein sí brón ná cathughadh 'n-a thaobh. Ceisneóchaidh an Fhrainnc sara fada – agus ní fada go dtí san – an lá go ndeárna sí cómhar ná margáintidhe lé Sasana fealltach: beidh aithreachas trom uirthe. Ná tabhair faic lé rádh dho cheisneóchadh lé n-a mhuinntir thu: gearánfaidh sé go bhfuil leathchuma dhá dhéanamh go mícheart air. Ná ceisnimh-se ach go háirighthe, tháinighis féin saor go maith ar phúnt as an gcáin: ná gearán-se: budh cheart duitse bheith buidheach.

ceist: *b.2.* fadhb, cruadhtan, fiafruighthe, lorg feasa trí fhiafraighe rud éigin a fiafruightear agus go mbíonn freagra ag dul do; scrúdughadh; iarratas; iarmharacht: caingean nó damhna allagair, agallaimh, diospóireachta, nó conspóide: amhras, conspóid; argóint; imshníomh: támáilteacht; dochma; scáth: adhbhar. Ceist seadh é ná tagann lé haonne a reidhteach fós, triall na farraige nuair thrághann an taoide: fadhb: rud neamhshoiléir le fuascailt fós. Cuireadh ceisteanna cruaidhe orm i dtaobh m'eólais ar iascaireacht nuair bhíos fé scrúdughadh lé haghaidh bearta fén Riaghaltas: fiafruigheadh eólas díom i gcuma go raibh freagra ag dul uaim. Dá mbeadh aon cheist choidhche ort go dteastóchadh cóngamh uait, mise an fear a réidhteóchaidh do chás: cruadhtan. Ceist agam ort (ceisteam ort) an fada go bhfeacaís ár gcara, Séamas? budh mhaith liom go n-inneósfá dhom é. Ceist agam ort, cad ólfair? léd thoil bíodh deoch agat. Ceist a'm ort, cá raghair? an misde leat a innsint dom cá bhfuil do thriall? Féach air sin de cheist – cad bhí i gcóir proinne indiu agaibh? - nách fiafruightheach, fiosrach, neambéasamhail an chainnt í sin? "An nglacfá míle púnt ar an dtigh sin?" – "féach air sin de cheist": ghlacfainn go fonnmhar. Féach féin anois air sin de cheist ag dailtín: budh cheart duit náire bheith ort a lithéid d'fhiafraighe d'aonne. Ceist seadh í connus shocróchaidh na Cómhachta Móra a gcuid achrainn gan dul chun cogaidh: fadhb: neamheólas atá orainn gur deacair solas do chaitheamh air. Ceist ródhoimhin dhom gan tlachteolas do bheith agam seadh a réidhteach duit cad fáth an tsíog scáil sin do bheith i lár na carraige éibhir: rud lé fuascailt. Ceist na talmhan, an rud is dual d'fheirmeóiridhibh, a bhí dhá phléidhe aca ar an gcruinniughadh: cúrsa na talmhan: rudaidhe a bhaineas lé talmhan, mar curadóireacht, cíos, íoc, sraitheanna etc. Ná bíodh aon cheist ort roim an mbás, rud seadh é go gcaithfidh gach aonne gabháil tríd: dochma: míofháilte. "Chuiris ceist orm": sin rud nách bhfuil aon eolas agam air: rud nár chuala etc. Chuiris ceist orm ná rabhais ag filleadh abhaile ón gcogadh ná aon tuairisc uait: chuiris imshníomh orm i dtaobh do bheatha. "Ná dearmhad

an tsreangscéal do chur chun siubhail ar do chluais" – "ná bíodh ceist ort": ná bíodh eagla ort ná go mbeidh san mar sin. "Tabhair dom púnt ar iasacht" – "ná bíodh ceist ort, gheóbhair agus fáilte": níl baoghal ná go bhfaghair. Seo ceist eile gur mhaith liom labhairt air, cé gur rud íogair, leochailleach é, b'fhearr liom gan tú do bheith ag tabhairt cuairde orainn: adhbhar (tagartha). "Bhí sé i gceist go raibh fonn ort aistriughadh síos amach?" – "rud ná raibh i gceist riamh dob eadh é" – níor bh'fhíor é ná ní raibh aon chainnt 'n-a thaobh agam. "Tá so i gceist – go mbead ag dul thar lear go luath": tá sé ar m'aigne nó socruighthe agam. Cad tá i gceist agaibh go bhfuil an gleódh go léir ar siubhal agaibh? Cad tá ag déanamh buadhartha nó mearbhaill eadraibh? mara mbeadh rud éigin bheith i gceist scríobhfadh an peann so níos fearr: rud éigin do bheith ar míriar. Labhair airís féach an dtuigfead thu, cad tá i gceist agat? cad tá ar bun agat: cad do go bhfuilir ag tagairt. Tugaidh aire d'bhur gcúram féin, ar aon chúntas ná bím-se i gceist agaibh: ná bídh ghom chur trí chéile: ag suathadh mo chúrsaidhe ná me féin. Mar bheadh an nimh ar an aithne anois díreach is tú a bhí i gceist againn, agus ná feadramair nách fiche míle as so bhís: is ort do bhíomair ag trácht: ghod chur trí chéile. An rud céadna a bhí i gceist ag an mbeirt aca, ach ní leigfeadh an gliocas dóibh é do chur in iúil dá chéile: an rud céadna a bhí ag déanamh mearbhaill dóibh. "Is fearr dul i gceist ná dul i seisc", ars an fear gur cuireadh leanbh gréine 'n-a leith: is fearr bheith os chómhair an phobail ná bheith i ndearmhad. Is é mo cheist é! a bhás chómh hóg: fairír! Cuireann sé ceist agus ceann-fé orm ná fuil sé ar mo chumas cóngamh do thabhairt duit lé linn do ghanntair: díombáidh agus náire: buaidhreamh aigne. "Níl focal as" – "tá a fhios agamsa cad tá air – ceist an díolta": dochma díol as pé nidh a bhíos ag imtheacht. An bhfuil íoc na ceiste seo agat? cad é aoirde an chnuic sin? freagra: fuascailt.

ceisteachán: *f.1.* síorcheistiughadh, fiosracht tar meón. D'fhiafruigh an meastóir díom, cá mhéid teach a bhí agam, cá mhéid talmhan, a's mórchuid eile; a lithéid de cheisteachán gur bhodhair sé me leis. Beir do cheisteachán in áit éigin eile, ní bhfaghair cúntas ná faisnéis uaimse: fiafruighe gan ughdarás, ná teastuigheann uaimse. Fág fé fhear na dlighe bíodh sé n-a ghárda nó n-a atúrnae, ceisteachán a n-iomaire: mhairfidís ar cheisteachán: an rud is fearr go bhfuilid deas air: an rud go ndearsnaid air: an rud is mó go bhfuil feart aca air: an rud gurb air is fearr iad: do chur cheisteann is dual dóibh. Chuir an chómhairle a bhí ag an dtaobh eile trím ughamachaibh me lé n-a cheisteachán cliste: ceisteanna crosta a bheadh d'áirighthe chun na bhfreagraidhe a bheadh uaidh do tharng uaim. Caitheadh seachtmhain fhada dhíreach lé ceisteachán na bhfínéithe sar ar agall an chómhairle ó aon taobh an breitheamh: ceistiúchán cuarduightheach, fóirleathanadamhail nár fhág aon chúig i ndearmhad. Tríd an gceisteachán ar fad agus allus fola aige ar an bhfíné annsúd ar chlár na mionn níor bhain atúrnae, dligheadóir ná cómhairle thob ná théib as: diancheistiughadh.

ceisteamhail: *a.* fiosrach, fiafruightheach, amhrastamhail. Fuairs barra bheith chómh ceisteamhail nuair dubhairt sé leat "tubaist t'fhiafraighthe ort": ag fiafraighe i dtaobh ruda nár bhain leat nó nár cheart duit. Ní bheadh an gárda chómh ceisteamhail i dtaobh madraidhe mara mbeadh go bhfaigheann sé an t-eólas a bhíos uaidh: ag cur an oiread feasa ar dhaoinibh. Níor bhuail fear ní budh cheisteamhla riamh liom ná é, d'fhiafróchadh sé an chearc san madra dhíot: fiosrach i dtaobh gach aon domhan ruda. Bíonn an siopadóir sin ancheisteamhail i dtaobh a lucht oibridhthe: bíonn sé ag fiafruighe díobh cá

ngaibheann an earra so agus an earra úd de chionn go mbíonn sé amhrastamhail ar a macántacht.

ceisteóir: *f.3.* duine a chuireas ceisteanna; duine amhrastamhail. Sé an freagra ceart ar cheisteóir, neamhthor: duine a bhíos rófhiosrach. Tiocfaidh ceisteóir ón Riaghaltas ag taighde aos na sean so atá ag cur isteach ar an dtáille: fear a bhéas ag lorg eólais chruinn. Ceisteóir mná ná fanann aon chailín aimsire aice: bean amhrastamhail ar gach cor dá gcuireann na cailínidhe aimsire a bhíos aice dhíobh.

ceistighim: *b.a.* scrúduighim, fiosruighim, fiafruighim. Ceistigh me, ach sin a bhfuil dá mhaith dhuit ann: bí ag fiafruighe aon rud díom is mian leat, mar a chéile seadh é. Ní cheisteóchainn aon rud a déarfá mar is gnáthaighe an fhírinne agat 'ná a malairt: ní chuirfinn i dtreis: d'fhiafróchainn a chruthughadh dhuit dom. Ceistigheadh id thaobh me ar chodlais im thigh, an fada a bhí aithne agam ort agus ar a liacht eile: fiafruigheadh mórán díom mar gheall ort.

ceistiughadh: *m.* (*-ighthe*) scrúdughadh: fiafruighe: fiosrughadh: cnáimhseáil. Cuirfear fé cheistiughadh anois me i dtaobh an méid aimsire a bhí idir fagháil agus fógairt an chuirp agam d'iarraidh na cora do ghreamughadh orm féin: cuirfear ceisteanna orm go mbeidh orm freagraidhe fírinneacha do thabhairt ortha. Ceistiughadh 'sag síorcheistiughadh bheadh sé ó raghfá isteach chuige go bhfágfá amach é: fiosrach i dtaobh gach aon duine a's a ngnóthaidhe. Ar éirigh an ceistiughadh déidheanach leat? ar fhreagrais na ceisteanna a cuireadh ort i slighe a's gur rithis: ar rithis?

ceistiúchán: *f.1.* an saghas áirighthe ceistighthe, ceistiúchán oide etc. Strac sé a pháipéar ceistiúcháin ag oscailt an chlúdaigh do: an páipéar go raibh na ceisteanna air. Bíonn cnáimhseán an domhain ortha i dtaobh an cheistiúcháin Ghaedhilge: fagháil feasa a n-eólais ar Ghaedhilge. Deineadh ceistiúchán orm ar cá rabhas, cad é mo chúram ann, an fada bhíos ann, féachaint an raibh aon bhaint agam le marbhadh an phóilín – ceistiúchán dian, neamhscrupallach: slighe agus méid an cheistighthe do deineadh orm lé hinntin áirighthe.

ceistiughadh: *f.* (*-ighthe*) fiosrughadh, agus móid dá chur ar na fínéithibh chun bunphréimh an chuspóra do bhaint amach: iarmaracht. Cuirfear ceistiughadh ar bun ameasc mhuinntire an pharóiste d'fhéachaint cad dob fhéidir leis an riaghaltas do dhéanamh chun na h-imirce as an áit do chosc: cuardach agus lorgaireacht fe mhionn. B'é breith an cheistighthe maidir lé dearbhughadh na bhfínéithe ar fad ach beagán gur cheart monchra do bhunughadh láithreach san áit: b'é an breitheamhantas as an lorgaireacht a's an bhfiafraighe.

céitinneach: *f.1.* (**céitinn**) deargán mór a hiasctar ar thalamh doimhin. D'imthigh na céitinnigh ó tháinig cochalóiridhe Shasana chughainn.

ceóchán: *f.1.* slocht, tocht scórnaighe, múchadh anáile, seórdán, "píopaidhe": feadán: tochtán: srannán: ceódh beag. Ar maidin bhí ceóchán beag ar an gcnoc gur bhreágh leat do bheith fé: ceódh beag éadtrom budh thaithneamh leat ar do chionnaghthaibh. Ní

thuigfeá focal uaidh leis an gceóchán atá air ón slaghdán: múchadh ar a ghlór. "Ceóchán ort ná héistfeadh!!!" deirtear le duine a bhíos tréis ruda míbhéasamhla do rádh nó ruda a scaoileadh amach nár theastuigh a chlos .i. dá mbeadh aon rud ar an sruth chainnte aige a chongbhóchadh 'n-a thost é b'fhearrde gach aonne é. "Cas suas amhrán" – "ar mh'anam ná féadfainn é, ná cloisir an ceóchán atá orm": an ghabháil atá ar shreangaibh mo ghutha. "Tiocfaidh ceóchán ort ó bheith ag cainnt": slighe bhéasamhail nó éachtaint do dhuine gurbh fheárr leat 'n-a thost é.

ceóchánach: [**ceódhchánach, ceodhachánach**] *a.* múchta, tachtaighthe. Níor ghlan an slaghdán fós uait, táir ceóchánach go maith: múchta, neamhshoiléir id chuid cainnte: tá 'píopaidhe' ionat. Guth cheóchánach atá aige, ní maith liom a chuid amhránaidheachta, ní thuigim an céadamhadh cuid dá gcanann sé: tachtuighthe, neamhshoiléir. An bhfuil aonnidh ar anál an chapaill sin, mar tá sé ancheóchánach i gcoinnibh an chnuic? tá glór seórdánach 'ge n-a anáil: tairngeann sé a anál go duaibhseamhail, agus bíonn glór aice.

ceódh: *f.1.* gal, smúit; gal tais, trom ar fuaidreadh san aer ar ucht na mara nó na talmhan; brón, buaidhreamh; mearbhall, méabhán, faic. Buaileann an oiread san ceóidh aniar ón bhfarraige ann sa tsamhradh go luigheann i gcomar 'si ngleann a's go ndeineann mionbháisteach de: smúit throm. Dhein ceódhmharán den gceódh agus báisteach den gceódhmharán: tirim: tais: fliuch. Gach maidean roim éirghe gréine bhíodh meirge ceóidh 'n-a luighe ar an abhainn tríd an sliabh aniar: brat smúit. Éirigheann meirge ceóidh os chionn talmhaintidhe bog. Ní h-annamh ag Cnoc Bhréanain caipín ceóidh air; is taithneamhach san ó Chasadh na Gráige: smúit bhán ar a mhullach mar bheadh bairéad ar chloigeann daonna. Och, tá sé moch chun oibre fós, níor spréidh ceódh na maidne: an smúit bhán is gnáthach bheith ar uachtar na talmhan tréis na hoidhche. Ceódh teasbaigh é sin, ní thiocfaidh aon bháisteach as: tuar aimsire breághtha seadh é. Ceódh brothaill níor tháinig riamh ar an dtiaracht: tuar teódhachta. Ceódh draoidheachta, mara mbeadh gur bh'eadh ní raghainn amugha ann i mbéal mo dhorais féin: ceódh go raibh cómhacht gruagach do-aigeanta leis. D'imthigh sé 'n-a ceódh bruithine nuair shéid an pléascán é: mar imtheóchadh smúit éadtrom. D'imthigh an plúr 'n-a cheódh leis an ngaoith nuair strac an mála: mar smúit. Cómhartha báisitighe seadh an ceódh bóthair sin bheith ag imtheacht: smúit an bhóthair bheith san aer. "Ceódh bóthair" ars an fear nuair chonnaic babhta maith rinnce ar siubhal. "Ceódh bóthair seadh é ambaist!" eighdeán coitcheann ges na daoinibh nuair chídheann siad aon rud go mbíonn fuadar fé: mar gluaisteán 'n-a lántsiubhal. Tá ceódh ag tuiteam ón spéir ann ná glanann lé gréin ná lá: brón ag tuiteam ar na daoinibh. Luigh ceódh ar mo chroidhe an lá do thréig sé mé, ná glanfadh ach lé n-a filleadh orm: lionndubh: ualach croidhe. Scaipeadh an ceódh det inchinn agus b'fhéidir go dtuigfeá cad budh cheart duit do dhéanamh: rud éigin atá ag cosc t'inncheann ar bheartughadh mar is ceart di. Fan, beir eaga dhom, táim i gceódh agat: táim amugha agat: an rud a fhiafruighir díom cuireann sé mearbhall orm. Ní imtheóchaidh an ceódh dá croidhe go deó; ghoill bás a céile rómhór uirthe: an brón: an dolabhach. Scaipeann áilneacht na háite an ceódh dhem chroidhe: imthigheann an ceódh dem chroidhe nuair thagaim abhaile: an ísle bhrighe. Caith siar an braon cruaidh sin bainfidh sé an ceódh dhed chroidhe: an ísle bhrighe: an dolbhach: an dobrón. "Cad é an t-aos atá ag t'athair críonna anois?" – "tá sé chómh haosta leis an gceódh!": an-aosta ar fad ar fad. Thuit scailp cheóidh orainn idir an Tiaracht a's Oileán Dubh agus chuir sí amugha ar feadh na

hoidhche sin: bannc ceóidh: brat trom. Mo cheódh! agus is fada buidhe ó bheith chómh maith leis an Sáirséalach de shaighdiúir do bhí Rí Liam: mo bhrón: baois: baothaireacht: baothchainnt: baothmhagadh: fastaoim: ráiméis: gaoth: radamdádaidheacht! "Bhuadhfainn an duais dá mbeinn istigh ar an gcomórtas" – "mo cheódh a's mo mhairg deó! is fada siar do chacfá as": níl id chuid cainnte ach baois: gaoth mhór: bladhgar a's aiteas. Bíonn draoidheacht éigin ag baint lé ceódh go gcuireann sé áit ar t'aithne: cómhacht dhiamhair dothuigthe go bhfeódhann sé na cómharthaidhe talmhan. Sheólfainn iad trí ghleanntaibh dubha ceóidh: gleannta dorcha a chuirfeadh amugha iad. Baineadh treascairt anacrach as agus go ceann seachtmhaine 'n-a dhiadh san níor imthigh an ceódh dá innchin: ní raibh a innchin chómh glan san gurbh fhéidir leis cuimhneamh ar aon rud do thárlaidh do. "Táim goirtighthe!" – "an diall ceódh ort a's nár marbhuigheadh thú": níl faic a mhaireas ort: an diall rian ort! ní ceart duit gearán a's ná fuil an scéal níos measa agat. Ná déin aon cheódh leis an ngarsún beag san: ná cuir isteach air. Á! an diall ceódh tréis mo lae seilge agam: faic. "Ceódh ar aibhnibh ceódh an tsonais; ceódh ar chnocaibh ceódh an donais": tuar maith ceódh ar aibhnibh; tuar olc ceódh ar chnocaibh. Níl ceódh den sláinte aige: a luighead.

ceódhach: *a.* ceódh do bheith ann, dorcha, doiléir, scamallach; seórdánach; slochtach: tochtánach. Lá ceódhach do théidheadh sé ag goid, toisc gur dheacair é d'fheicsint agus gur bh'fhuraiste dho éalódh sa cúlshráideannaibh: go mbíodh ceódh ann. Cathair chómh ceódhach san seadh Lonndain uaireannta ná feicfeá an té a chuirfeadh méar féd shúil: ceódh trom, dorcha. Ceanntar ceódhach ón bhfarraige sa tsamhradh seadh é seo: tuiteann anchuid cheóidh ann. Thug an slaghdán scórnach cheódhach dhom, ní mór go bhfuil ionam focal do labhairt: seórdánach, scailpeach. [Níor airigheas riamh ná níor airigh aonne gur chuireas a thuairisc air, 'níos ceódhaighe'].

ceódhacht: *b.3.* do bheith ceódhach nó dorcha nó neamshoiléir. Ceódhacht na haimsire do chuir an long amugha 'sa choisc iad ar a h-ionad do mheabhrughadh: doircheacht de dheascaibh ceóidh. Ní thabharfainn fén gcnoc anois a's a cheódhacht atá sé: a dhoircheacht de dheascaibh méid an cheóidh.

ceódhbháisteach: *b.2.* ceódh agus báisteach mhion. Níl aon fhliuchra is deacra do thriomughadh 'ná fliuchra na ceódhbháistighe: an fliúchán a bhíos ann nuair bhíonn an spéir múchta.

ceódhdhubh: *a.* dubh mar bheadh ón gceódh: diamhair. Bíonn mo smaointe go ceódhdhubh nuair fhéachaim ar Cheann Sraithe a's chuimhnighim ar Mháire ná bíonn ann liom mar do bhíodh: trom: brónach.

ceódhmhar: *a.* lán de cheódh, de smúit, nó de ghal spéarach nó talmhan. Cathair cheódhmhar seadh Lonndain: tagann ceódh go trom agus go minic ann. Cathair níos ceódhmhaire 'ná Lonndain is deacair d'fhagháil: go mbíonn breis ceóidh innte. [ceódhmhaire an chéim bhreise a chuala i gcómhnaidhe in ionad ceódhaighe].

ceódhmharán: *f.1.* ceódh fliuch ná bíonn róthrom. Ceódhmharán andeas breágh bog a bhí ann nuair bhuail áthrach an fhíona fadó ar an Sceilg [deirtí ameasc na seandaoine go

raibh an captaen agus garsún beag leis ag freachnadh asail siar ’saniar ar an léibheann nuair bhuail sí]. Báisteach mhion a’s ceódh trom. D’fhliuchfadh ceódhmharán tú chómh maith lé báistigh truim. Cuir casóg díonuisce ort nó cuirfidh an ceódhmharán so an braon isteach ort: an ceódh fliuch a thugas dath leathbhán ar aonnidh go dtuitfeadh sé. In Albain is mó bhíonn an ceódhmharán ameasc na gcnoc: ceódh fliuch ’n-a scailp ar ucht na talmhan.

ceódhmharánach: (**ceódhmharsánach**) *a.* go n-iomad ceóidh a’s mionbháisteach. Maidean olc cheódhmharánach dob eadh í; ní beag dhuit de chómhartha go raibh adharc na Tiarachta dhá shéideadh gan stad. Aimsir bhrothail a’s ní haimsir cheódhmharánach d’oirfeadh do chruithneacht: ceódhach, béalfhliuch.

ceól: *f.1.* oirfideadh, cómhchur fuaimeann taithneamhach leis an gcluais, an ealadha a mhúineas cáilidheacht, fearta, agus baint fuaimeann binn lé chéile: cantaireacht: fuaim bhinn: lúthmhaireacht, mire, beódhacht, anamamhlacht, spraic. “Stad an ceól, a Eóghain, buaileadh mise”, ars an Ceantar (leathamadán a bhí annso): ná seinn a thuilleadh. “Is seirbhe ’ná searbhán searbh an duine daidhbhir ag déanamh ceóil”: dá mhéid binneas do dhéanfadh an duine bocht b’fhearr leis an sluagh an siolla budh neamhcheólmhaire nó budh neambinne ó dhuine shaidhbhir: is beag a éisteas lé duine bocht ná lé n-a ghlór. Ceól i gcluais Shéamais dob eadh deoch do tharng do, mar is mear do ghlacfadh: ní chuirfeadh aon chainnt eile an oiread binnis ar a chluais ná áthais ar a chroidhe. Sin reidhleán teine anois go bhfuil ceól aice: lasair, teas, seascaireacht innte. Cuirfidh an teine seo ceól leis an gcorcán: ní fada bheidh sé uirthe nuair bheidh usmairt aige lé n-a feabhas. Tabharfaidh an chneadh sin ar do chromán ceól duit mara bhféachair chúiche, is olc an chuma atá ag teacht uirthe: déanfaidh sí othar agus beidh sí anthinn. An gcloisir an ceól atá ag an simné? déanfaidh an oidhche anocht díobháil: glór brónach na gaoithe ag séideadh go tréan ar mhúchán an tighe. Tabharfaidh an lá indiu ceól fós uaidh: tiocfaidh drochrud as, nó drochaimsir. Ní hé seo deireadh an achrainn seo mar gheall ar an udhacht, tiocfaidh ceól fós aiste (as): beidh dlighe a’s caibideal ’n-a taobh. Bainfead-sa ceól as an ngluaisteán so, as so go Corcaigh má gheibhim bóithre trioma: bainfead siubhal aiste: ní choigleóchad puinn di. Cad n-a thaobh bheith ag baint cheóil asam-sa as rud nár dheineas: bheith ag baint sásaimh díom. An cníopaire, ’sé bhailigh go bocht, beacht a chuid airgid ach bainfidh an dream atá ’n-a dhiaidh ceól as: tabharfad gaoth dho: caithfid go rabairneach é. “Níor chuala riamh ceól budh bhinne ná ceathrar gaibhne ag déanamh chruite; a cheapórd féin i láimh gach nduine; ’siad ag bualadh buille ar bhuille”: an glór binn, aoibhinn a éirigheadh as an inneóin ar theangbháil na gcasúr léi. Ceól na h-abhann, na farraige, na gaoithe, an mhuillin, an tseóil (fighte), na hoibre etc.: an glór sianschómhnaidhtheach a thagas uatha. Cuir ceól leis an amhrán so a chumas duit: cuir é i slighe a’s gur féidir é do chanadh ar ghuth mar dheineann amhránaidhe. Budh mhór an ceól d’fhear throm, neamhthuairmeamhail mar é léim sé dtroighthe ar aoirde do chaitheamh: an lúth, an bheódhacht cuirp. “Thugas aon léim amháin as mo chorp, thógas fén gcorrán é agus shíneas fuar marbh é! Sin í an ghaisce agat” – “mo cheól thu!” mo dhá ghradhain thu: as do chabhail é: is tú an fear. Nuair cídhtear gníomh nó beart thapaidh, mhear, nó nuair cloistear gníomh maith, deirtear mo cheól é (thu etc.)! mo ghairm: is aoibhinn san. Tigh mór ceóil a’s rinnce againn dob eadh é oidhcheanta geimhridh: bhíodh ceól dhá sheimint ann go flúirseach. “Connus taoi, an aimsir seo, is fada riamh go

bhfeaca thu?" – "lán de cheól": lán d'anam, d'anáil a's de spirid. Mara mbeadh an ceól a bhí ann ní sheasóchadh sé chómh fada, agus an duadh oibre a bhí air riamh: an t-anam: an bheódhacht cuirp budh dheacair do chlaoidheachtaint. Sin gual, móin, adhmad etc. go bhfuil ceól ann: a thabharfadh dréir a nádúra. An diall me gur dhóigh leat gur cheól sidhe é ag seimint ar an bpíb: sheim sé go sárbhinn. Buail an port san, ná scaoil an ceól fé thalamh: gan rinnce leis an gceól. Ceól ag imtheacht fé thalamh: ceól gan rinnce leis.

ceólaidhe: *f.4.* duine a sheimeas ceól ar ghléas ceóil: canntaire, amhránaidhe. Ceólaidhe breágh seadh Seán Mac Cormaic: is féidir leis guth bhreágh do chur ar fhoclaibh filidheachta. An fhuiseóg an ceólaidhe éin is binne sa tír seo: an t-éan is fearr cantain. Ceólaidhe anbhreágh dob eadh é, sheimfeadh sé ar cheithre shaghas gléis duit: ceólaire, seimtheóir. Níl an trúmpa san 'n-a cheólaidhe chómh hiongtach san: ní thugann sé ceól maith uaidh. Áirightí Cearúsó (an t-Iodálach) ar cheólaidhthibh binne an domhain mhóir: amhránaidhthe. Ag éisteacht lé ceólaidhthibh na dtor a's na ngleann do chaith sé deireadh a shaoghail: éanlaithe binne.

ceólaireacht: *b.3.* sians ceóil, amhránaidheacht, cantain, ceileabhradh, treathar, seanmacht. Le breacadh an lae indiu budh dhóigh leat go raibh a bhfuil d'fhuiseógaibh sa domhan bailighthe 'on Dún leis an gceólaireacht a bhí 'n-a thuile sa spéir: mórchantain: flúirse treathar. Ó cuireadh 'on chás isteach an t-éinín níor airigheadh ceólaireacht ná eile uaidh: níor oscail sé a ghob ag seimint. Ní gan ceólaireacht 'n-a guth do toghadh í ar an amhránaidhe dob fhearr ar an bhfeis: binneas. Is cuimhin liom mo sheanmháthair siar amach san oidhche ag sníomh cois teine seascaire ag ceólaireacht leis an dtoran: ag amhrán nó ag duanaireacht le fuaim (ceól) an túirne. Cuir uaim an cheólaireacht so ag lorg bídh: an gearán. Ceólaireacht an diaill bhuidhe bhíodh aice nuair thagadh sé abhaile súgach, déidheanach ón nDaingean: gearán a's cnáimhseáil.

ceólán: *f.1.* gliogaire beag; béiceachán, pusaire, toramasaire, cloigín: glór istigh san gcluais; monabar. Thugas an oidhche ag éisteacht le ceólán na habhann, b'aoibhinn liom é agus b'ait liom é: budh dhóigh leat gur ag labhairt do bhí sí: fuaim bhinn. Níl aon chlog creidhle 'n-ár sáipéal-ne ach ceólán i gcóir an aifrinn: clog beag glaice. A dhochtúir, cad tá orm in ao'chor? bíonn ceólán millteach im cheann tréis éirighthe: bús a's glór malluighthe. Éist, a cheóláin, níor stadais ó mhaidean ach do phort ar siubhal agat ag lorg ruda éigin: rud glórach gan fuaimeant. Dá bhfuil de cheólánaibh leanbh sa domhan is tú an liúghaire is clipighe aca: leanbh ag síorlógóireacht, gan chúis gan adhbhar: pusaire beag míoshásta, doshásta. Ná cuireadh sé aon iongadh ort é do bheith ag gearán, 'n-a cheólán atá sé ón lá rugadh é: a liúgh 'sa bhéic anáirde aige ar a luighead cúise. Deineann an deoch ceólán den bhfear bhocht, scaipeann sí a mheabhair soir siar air: deineann sí gliogaire dhe a's ruathaire cainnte. Cé thógfadh ceann de cheólán mar é ná d'aonnidh a déarfadh sé? duine neamhfhuaimeantamhail. Tá sí 'n-a ceólán tímcheall air: ní stadann sí ach ag déanamh cainnte 'n-a thaobh (ghá rádh go bhfuil sé i ngrádh léi etc.) go mbítear bréan de bheith ag éisteacht léi. Ceólán duine seadh thu: gliogairnéis cainnte agat a's gan aon deallramh léi: ruathaire. Cá bhfuairis, a Shéamaisín, an ceólán gleóidhte? seim dom air: gléas beag ceóil.

ceólbhinn: *a.* taithneamhach don gcluais, séiseamhail: cóimhionannach i bhfuaim: ag teacht lé chéile i bhfuaim. Stadadh sinn go grod mar ná rabhamair ag amhrán go ceólbhinn, duine garbh, a's duine ag béicigh a's duine d'iarraidh bheith binn: i gcómhfhuaim. Duine ná raibh ar an mbainis nár éist leis ag amhrán go ceólbhinn: ag casadh fuinn go fíor-áluinn.

ceólmhaireacht: *b.3.* séise: lúthmhaireacht, tapamhlacht, bíodhgamhlacht, lónnacht, luadar. Ara, mhuise, chun na fírinne do rádh, a dhuine mhuinnteardha, ní lé n-a ceólmhaireacht do bhainis binneas as an seanbheidhlín: a bheith de thréith (feart, buaidh) innte. Lé n-a ceólmhaireacht reatha do toghadh i gcóir an ráis mhóir an láir dhubh: luas a's anamamhlacht cosanáirde. Ceólmhaireacht bheag ait leó féin do bhíonn ag spriodógaibh: cantain bheag ná cloisfeá ó éanlaithibh eile. An fear gan ceólmhaireacht a shiubhal ó Dhún Chaoin go Tráighlí agus ar ais in aon ló – os chionn trí fichid míle? gan mire siubhail: gan lúthmhaireacht coisidheachta. Neart do ritheann a's ceólmhaireacht do léimeann: luas, éadtromacht géag. Ceólmhaireacht cos, is aice a bhí sé, budh chliste taithneamhach an rinnceóir í: lúth cos: anamamhlacht.

ceólmhar: *a.* binn, caoinbhinn, siansánach: lúthmhar; mear. Clann cheólmhar dob eadh iad, ní raibh aon neach aca ná go raibh i ndán seimint ar ghléas éigin ceóil: mianach, buaidh nó tréith an cheóil ionta. Is deacair éan is ceólmhaire 'ná an fhuiseóg d'fhagháil: éan a dheineas 'n-a scórnaigh. Léim cheólmhar dob eadh léimeadh treasna an Ghleanna Deirg: léim gur thóg sé lúth, misneach agus mire í do chaitheamh. Capall ceólmhar ar bóthar seadh é, is beag ainmidhe do chonnac riamh ag gabháil amach air: capall tapaidh, mear, luath. Dubhán ceólmhar chun éisc do mharbhadh é sin, nuair théidheann sé ceangailte fanann sé ceangailte: dubhán a dhéineas an cúram a bhíos de go sárbhinn. Rámhaidhe ceólmhar, rinnceóir, treabhadóir, coisidhe, gréasaidhe, siúinéir etc.: a ghnídheas a ghnóth go taithneamhach. Fir cheólmhara dob eadh ár sínsear, budh bheag gluaisteáin ná eitealláin budh ghábhadh dóibh: luath, láidir.

ceóltóir: *f.3.* duine a sheimeas ar ghléas éigin. Ceóltóir buan dob eadh Seáinín an Chnagaire (Mag Gearailt), sheasuigheadh sé ag seimint i rith an lae ar an mBuailtín do lucht póstaidheacha um Inid: seimtheóir: sheimeadh súd ar bheidhlín. Seán ceóltóra do tugtí air toisc go mbíodh sé ag seimint do shíor.

ceóltóireacht: *b.3.* gairm cheóltóra; ealadha sheimthe; gníomh nó beart déanta ceóil. Chaith sé a shaoghal le ceóltóireacht, gléas éigin ar siubhal de ló 'gus d'oidhche aige: le h-eadhlain seimthe: ag iondrabháil gléas ceóil, mar bheidhlín, feadóg etc. Mhairbh sé é féin ag ceóltóireacht do scata lúthmhar ógánach ná traochfadh rinnce go maidean iad: ag seimint.

ceómhaireacht: *b.3.* a bheith ceódhmhar, ceódhach, dorcha, smúiteach, murtallach. Ní bhfuairtheas na leanbhaidhe a bhí ar guardal ar feadh na hoidhche leis an gceómhaireacht ná feicfeá slat ar aon taobh díot: doircheacht ceóidh. Beidh ceómhaireacht ar mo chroidhe choidhche anois mar ná leighisfeadh íc ar bith mo bhrón: doircheacht. Cuireann an ait iargcúlda san ceómhaireacht ar mo chroidhe, é gan tigh ná treabh anois, níor mar sin do le linn m'óige: dolabhach: tromaidheacht aigne.

cheana: *d.bh.* lé déidheanaighe, eile, roimhe seo, go díreach, an céadna, go deimhin, seachas, mar sin, mar sin féin. "Níl aon ghustal ar an bhfear ná is fada go raibh" – "níl cheana, a dhuine": níl gan amhras: sin í an fhírinne. "An bhfuil fir mhaithe in Éirinn?" – "tá cheana": is fíor go bhfuil. "An ndéanfá maitheas orm?" – "dhéanfad cheana": déanfad, ná bíodh eagla ort. Cé bhuailfeadh liom ar an sráid an lá cheana ach Tórna: lá nó dhó nó trí ó shoin; aimsir ghearra ó shoin. "An fear láidir é siúd?" – "seadh cheana": fear an-láidir. Déanfaidh an chianmhaoin seo fear saidhbhir de, tá dhá mhíle cheana féin sa bhannc aige: roimhe seo. Creideann daoine go rabhadar ar an saoghal cheana: uair eile roimis seo. Talamh gan cháim seadh an Mhidhe, acht cheana b'fhearr lé muinntir Dhún Chaoin a n-áit dhúthchais: d'aimhdheóin gur thalamh mhaith é: mar sin féin. "Dhein sé cheana é": déarfí lé duine ná beadh aon amhras 'n-a thaobh rud do dhéanamh toisc go ndeárna sé roimhe sin é. Mholfainn cheana dhuit an dúthaigh d'fhágaint má tá cion ar t'anam agat: gan thuilleadh moille. B'é do bhuac éirghe cheana má tá fonn ort bheith in am: éirghe lom láithreach.

choidhche: *d.bh.* go deó: do shíor: i gcómhnaidhe: go crích. Dá mbeadh sé 'n-a amadán choidhche cainnt éifeachtamhil aige dob eadh, "an té a chuireas is é a bhaineas": dá mbudh amadán ar gach slighe é. "Buaidhfidh an fear mór ort" – "choidhche!": níl sé i ndán. D'fhógras ar fanacht ó scéimh na faille lé n-a conntabhairt, ach lean sé dhá bhruachaireacht riamh a's choidhche gur síos leis: gan sos. Riamh a's choidhche bhíos ag siubhal rómham san áit an-aithnid agus tríd an ndoircheacht go dtí ar deireadh thiar thall gur bhreithnigheas solas: tréis árdtamaill. "An miste dhom suidhe it aice?" – "ní misde choidhche": tá fáilte rómhat. Ná bí choidhche gan an focal maith id bhéal: ar aon am. An ngáirfir fúm choidhche airís? – choidhche: feasta: go deó airís, as so amach. Ceasnaidhe éigin a chuir choidhche ó mhaith é do tháinig ar san Oileán Úr: iomard ná tiocfaidh sé chuige féin uaidh faid mhairfidh sé. Bheadh droichiontaoibh agam choidhche as ón oidhche chonnac ag tabhairt fé fhear é le buidéal briste: ní atharróchadh aon rud m'iontaoibh as faid mhairfinn. Dá mbeadh sé 'n-a amadán choidhche tagann cainnteanna ciallmhara uaidh: dá mbeadh agus gur bheart aimideach gach cor dá gcuireadh dhe féin.

chómh: mar sin, ar an gcuma san nó an oiread san. "An bhfuil Dún Chaoin chómh fada san (os cionn dachad míle) siar ó Thráighlí?" - "Tá agus beagainín breise": an oiread san slighe. Bheidhfeá ag obair chómh fada san ar thuarasdal beag go mbeidhfeá id sheanduine dá fheabhas cnuaisciumhain do dhéanfá sara mbeadh aonnidh agat dob'fhiú d'áireamh: an oiread (an méid) sin aimsire. Chómh fada so, tá an obair go maith: go dtí so. Níl go holc chómh fada san: go dtí san tá gach aonnidh do-ghearánta. "Fear fada seadh é?" – "seadh, mhuise, chómh fada leis an lá ambáireach!: anfhada, anárd. "Cad leis go bhfuil an tigh chómh fada, déarfá?": go bhfuil an fhaid chéadna ann agus atá lé rud éigin fada do hainmneófí. Raghad chómh fada lém dhícheall ar an mbiadh: íosfad an méid d'fhéadfad d'itheadh. An raghair chómh fada leis an nDaingean anois?: an é an Daingean do thriall? "Chómh hárd lé falla, chómh geal le sneachtadh, chómh dearg le fuil, chómh milis le mil": ubhall. An bhfuilid staduighthe [staithe (an fhuaim)] den obair chómh luath so: iongadh a luathacht do stadadh. Dá mbeidhfeá chómh cráibhteach le mnaoi riaghalta ní chreidfinn thu!: an oiread cráibhteachta agat agus do bheadh aice, nó is dóigh do bheith aice. Bheadh sé chomh maith agaibh stad, in ainm Dé, tá bhur ndóthain

argóna déanta agaibh: níor bh'fhearr rud do dhéanfadh sibh 'ná stad. Gheall sé go mbeadh sé ann lár n-a bháireach ar uain áirighthe, chómh maith do bhí: chóimhlíon sé a gheallamhaint. Chómh luath agus thána isteach chonnac láithreach ná raibh fáilte rómham: an túisce: díreach ar mo theacht. Bheadh sé chómh maith díreach agat a bheith ag cuimilt do mhéire de chloich (chun a caithte) lé bheith ag cómhairleach mná buirbe: an toradh céadna bheadh ar do ghnóth. An bhfuilir chómh maith ar rith a's táir ar siubhal: an bhfuil an cóimhfhreagarthach mhaith? Bíonn ráidhte mar seo gan cómhchomórtas ar charbhall a bhíos ráidhte: tá sé chómh láidir ar ghaoith: an neart céadna, gan puinn gaoithe. Táimid ag seóladh anmhall, níl sé chómh láidir ar ghaoith (mar a bhfágtar "ar" ar lár). Níltear chómh dian ortsa: níl daoine dian (in ao'chor) ort. Ná bí chómh teann as: ná bíodh an oiread muinghine agat as dhuine. Ná bí chómh teann as an gceann san de théid: ná déin an oiread tairngt uirthe. "Chómh teann as do bholg" (gan aon fhocal eile do chur leis an abairt): teannbholgach. Ní bheinn chómh muinghineach as dá me thu: mo thuairm go bhfuil iomad muinghine agat as. An bhfuil an saoghal chómh holc agaibh-se? (a's mar tá ag daoinibh sa gcoitchiantacht). Ní bheadh siad chómh maith dhuit: ní thabharfaidís an déanamh céadna dhuit. Bheidhfeá chómh maith trí n-a dhíol: mar thoradh díolta bheadh an méid chéadna agat. Ní bheinn chómh dian chun gnótha dá me thu: ní bheadh oiread struis ag breith orm 'n-a thaobh. Ná bí chómh cumhang fé airgead: ná bí sprionnlaithe. Dá mbíteá chómh fial go gcaithfeá a mbeadh agat b'é an baodhachas céadna dhuit é: an fhéile do bheith ag gabháil lastuas díot. Bím chómh maith ó bheith ag ól bhainne etc.: sláinte ar an gcuma gcéadna agam. Nílim chómh maith chun siubhail: nílim i ndán oiread siubhail do dhéanamh a's budh dhóigh leat.

chuige: in ao'chor: ar chor ar bith. "An tusa an té a bhí ar an bportfhalla nuair lámhachadh an fear?" – "ní rabhas ann chuige": in ao'chor. B'fhearr liom gan rud do thabhairt uaim chuige ná bheith ghá mhaoidheamh: gan bac lé n-a thabhairt. "Tá mo bhróga caithte agam a's gan iad agam ach mí nó dhó" – "chuige sin ná raibh aon mhaith ionta": toisc: mar gheall air. Cad chuige duit – beart gan ghádhtar – tarcuisne do thabhairt do dhuine iasachta?: cad é an fáth agat é? "Téighir abhaile" – "cad chuige?": cad é an fáth? Féach, cad tá déanta anois agat, labhartha a's gan aonne dhá iarraidh ort – is chuige sin is fearr thu: 'n-a chóir sin. "An chugham-sa ataoi go bhfuil cuthach(g) ort?" – "ní chughat in ao'chor": an ag tagairt dom-sa ataoi?: an mise go bhfuil aghaidh do chaoraidheachta air? Chughainn aniar thu, is maith an teacht é sin: treise leat. Táthar chughat, bí ag cur díot nó béarfar ort: táthar (namhaid) ar do thabhair. Táthar chughainn, cloisim glór bróg, féach cé tá ann: duine (daoine) ag teacht. An bhfuil na sagairt seo chughaibh ambáireach?: an dtuitfidh sé go dtiocfaid. Chughat, táir idir me agus an solas: seachain: seasaimh i leathtaoibh. Chuige seo (glas) í seo (eochair): sin é an cúram atá dhi. Bíonn na cómharsain chugham a's uaim: ag turasadóireacht orm. "Tugann stiúrthóiridhe na cuallachta tuarasdal maith dhóibh féin agus fágaid a cuid cléireach ar chaolchuid" – "nách chuige sin é": nách é sin an chuma, an smaoineamh: an teadh: an tslighe is fearr a oireas dóibh. Déin chuige ar an ndoras: druid leis: ionnsaidh é ann.

chuigint: in ao'chor: ar chor ar bith. "An bhfeacaís mo mhac-sa chuigint?" Ní raghad in aonfheacht leat chuigint, mar ní maith liom thu: níl aon dul ar me do dhul it fhochair. An bhfaghad-sa airgead chuigint?: an bhfuil aon chao agam-sa ar airgead d'fhagháil.

ciabh: *b.2.* locán gruaige, folt (*iol.* ciabha, céibhe, céibheanna). A ciabha fionna ar crathadh léi go guala: folt a cinn 'n-a chocánaibh mar chasfá tímcheall do mhéire. Stracadar an chiabh dá chéile sa chrúcáil throda dóibh: folt a gcinn. Bíonn ciabh go h-eadarshuth uirthe leis an leisce: a cuid gruaige gan réidhteach. Cailínidhe ciabhchorruighthe atá againn anois in ionad na mban gciabhfhada fadó: sciotuighthe go cúl.

ciabhach: *a.* gruaigeach, fadfholtach, mothalach, gliobach, foltscaoilte. Dá bhfeaca riamh ní fheaca bean budh chiabhaighe 'ná í, ar chaol a droma stadadh a folt: budh shia gruaig 'ná í. Daoine ciabhacha seadh na Rúisigh: daoine mothalacha: muirearghruaigeach: gruaig fhada throm ar gach aonne aca. B'annamh leat bheith chómh ciabhach a's ataoi, bíonn an ghruaig cíortha sleamhain ort de ghnáth: gan í bheith triopalach, gasta, réidh. Bíonn búndúinín ciabhach bán ar an gcoinín: lóca beag bán ar árd a thóna. Ainmhidhe ciabhach seadh madra: fionna fada air.

ciabhacht: *b.3.* beart choimeádta an fhuilt fé riar; folt nó fionna fada do bheith ar. Chuir an bheirt chailínidhe árus ciabhachta chúcha sa chathair, agus bíonn mórchuid ban ag triall ortha chun a bhfolt do chur in eagar: áit chun gruaige do chas, do thrilsiughadh. Fuaireas greim ceart ar dhrom ar an madra, toisc a chiabhacht: faidfhionnacht.

ciabhagán: *f.1.* fáinne (an ghruaig) cocán. Budh ghleóidhte leat na ciabhagáin fhionna a bhí ar an leanbh: fainnidhe beaga fuilt.

ciabhóg: *b.2.* locán ar thaobh na leicne in aice na cluaise anuas. Budh chuimhin liom 'n-a sheanduine é agus ciabhóga liatha anuas go giall air: taobhlocáin gan bearradh.

ciach: *f.1.* slochtán: múchadh scórnaighe: smúit ar an úrlabhra, ceóchán, seórdán: múchadh: brón: slaghdán. Ní chuireann an cogadh san domhan toir aon chiach air, is cuma leis ceaca: aon buaidhreamh. Ciach ort! mar pheann, is tú ná gluaiseann ar phár go héascaidh (tiomna): léan ort! Ciach air, is iomdha fear nách é a thug síntiús don gceóltóir bhocht, go mbeadh sé corr leis an saoghal mór: mo mhilleán air: nár leigtear dúinn (tiomna beag ag fagháil mórlochta air). Chuirfeadh sé ciach orm tú d'imtheacht uainn gan an biadh do chaitheamh 'n-ár measc: dob oth liom do ghníomh. Cad tá anois air go bhfuil sé ag gearán? bíonn ciach éigin ar an bhfear gcéadna i gcómhnaidhe: ceasnaidhe nó iomard. "Ciach air mar scéal!" deirtear so nuair cuirtear díombáidh nó neamhchoinne ar dhuine. Go mbeidhtheá ag obair a's go mbrisfeadh úirlis theastuighthe uait déarfa: "ciach ort (air mar scéal)", tráth nár mhian leat mallacht mhór do thabhairt. Dá ndoirteá lionn a bheadh lé n-ól gan choinne, déarfá é. Ciach áir ort mar ghluaisteán, bír ag stad gach aon deich míle orm: léan ort, is me atá clipighthe agat. Mo chiach ná rabhas in Áth Cliath Seachtmhain na Cásca: mo bhrón é: cuireann sé buaidhreamh orm gan bheith ann. "Ní rabhais láithreach nuair buaileadh Tadhg?" – "mo chiach ná rabhas, ní bhuailfí airís é": is é mo thruagh dhealbh é. Choidhche ní chuirfead a chiach díom na hocht mbliadhna do chaitheas tar lear óm thír: ní chuirfead a aithreachas díom. Dá mbeadh ciach ná diachair choidhche orm dubhairt sé liom teacht chuige lém ghearán: leathcheann, leathchuma, nidh buadhartha. B'fhada ciach ar Éirinn ag Sasana: ceanntrom: forlámhas dian marbhthach. Ciach ort nár inns dom go rabhais ag dul chun na bpeictiúiridhe, raghainn

leat: mo náire thu. Guidhim ciach ort, a rud mhalluighthe: mío-ádh dá mbeitheá ag cainnt leis sin go dtagadh ciach ort chuige ní thabharfadh sé tor madra ort: go mbeadh t'úrlabhra múchta, doiléir. Ná cuir ciach ort féin, tá do dhóthain ráidhte agat: ná bíodh do ghuth seórdánach ó bheith ag cur asat. Ná cuir ciach ort féin leis an gceólán san: ná tabhair aon tor air: fág ar a bhuile é. Tháinig ciach orm ó bheith ag amhrán: glór múchta 'gem ghuth. Cuir céir féd bhogha tá ciach ar an gceól: níl na nótaidhe soiléir. Níl slaghdán róthrom air, ciach is mó atá air: fuacht éadtrom scórnaighe a ghoilleas ar shreangannaibh na húrlabhra. Níor bh'fhada bhí a chiach uirthe, ní raibh sí ach trí mhí 'n-a baintreabhaigh nuair phós sí airís: a bhrón uirthe. "Ghoirtigheas me féin leis an sciain, féach" – "mo chiach é": aon bhuaidhreamh ní chuireann sé orm cad d'imthigh ortsa. Duine ná cuireann aon nidh mairg ná ciach air seadh bacach a chaitheas a mhála de: gan brón gan cáiseamh aigne. Scaip a bhás ciach ar an gceanntar ar fad: pudhair mhór dob eadh é a's bhí cion gach aonne air: dubhacht: duairceas. Mná ciach is lugha orm: is lugha go gcuirim suim ionta. "Is fada an ciach iarsma na droichbhearta" (seanfhocal): an t-olc a ghnidheas duine fanann a chuimhne tréis a bháis, "agus imthigheann an mhaith leis an uaigh".

ciachánaidhe: *b.4.* duine go mbíonn ciach nó múchadh brághad: gnáthghalair: duine go mbíonn guth mhúchta aige. Focal ní thuigim uait, a chiachánaidhe: a dhuine ná labhrann soiléir. D'fhág galar éigin bliadhanta ó shoin 'n-a ciachánaidhe é: glór múchta do shíor ó shoin air.

ciachdha: *a.* brónach, buadhartha, amhgarach. Is é mo chroidhe atá go ciachdha ionam ag amharc ar namhaid mo dhúthaighe: brúighte, brónach. Is fada bheidh an Aibisín ciachdha sara gclaoidheann an Iodáil go hiomlán í: buadhartha.

ciachmhar: *a.* buadhartha, amhgarach. Nách ciachmhar an chóisir atá agaibh gan amhrán ná ceol: brónach. Beatha chiachmhar a bhí aca thíos san ngabhlán mara úd gan bóthar ná cuan ach casán faille: duaibhseamhail, deacair. Budh chiachmhar na bliadhanta iad tréis na gorta gan beatha i ngort ná biadh i dtaisce: amhgarach: beó-dhealbh.

ciairseach: *b.2.* cearc an luin duibh: gailtean. Chómh néata lé ciairsigh ar ghéig sceiche: chómh seólta éadtrom san. Cé hí an chiairseach úd go bhfuil an ceann ciardhubh uirthe? an cailín áluinn. "Cathain phósfair?" – "nuair gheóbha an chiairseach": an nuachar. Is annamh do chonnac an oiread ciairseach ar aon chéilidhe: an méid ógbhan áluinn. Ciairiseach mhná: bean óg dathamhail. Is iomdha ciairseach do chuireas amugha: maighdean do mheallas.

ciall: *b.2.* éifeacht, réasún, meabhraidheacht, feart réasúin, míniughadh, brigh, bun: tuigsint: breithniughadh, buaidh eidirdhealuighthe an chirt 'san mhíchirt: baramhal, teadh, breith teacht lé héifeacht, míniughadh éifeachtamhail: inntleacht, neart réasúin nádúrdha; acfuinn na gcéadfaidhe; aireachtaint: gaois: braithstint, mothúilt. "Níl uainn ach talmhan ar níos lugha chíosa agus margaintidhe d'ár gcuid torthaí" ars an feirmeóir, "sin í an chainnt go bhfuil ciall léi" arsa feirmeóir eile ghá fhreagairt: tuigsint: sin é an rud go bhfuil an deallramh ceart air, a dhéanfadh an mhaitheas atá uainn dúinn. "Ceann mór na céille bige", ars an fear fonmhóideach leis an té a shaoil go raibh ciall agus meabhair an domhain aige. Cad é an chiall atá lé fear do dhul ar snámh i gcorplár an

gheimhridh istigh? an bun: an éifeacht: cá maitheas do dheineann sé. Dá mbeadh ciall leat d'fhanfá as chonntabhairt: fuaimeant: tuigsint cad is maith agus olc duit. Duine gan aon chiall seadh duine a chaitheas a chuid ar chearrbhachas: duine ná tuigeann an díobháil atá aige dhá dhéanamh do féin. "Bíodh ciall agat a's pósfaidh duine éigin thu" (seanfhocal): deirtear so nuair cloistear duine agus gan ach ráiméis ar siubhal aige. Is mór an chiall do bhíonn ag madra: an mheabhraidheacht, an buaidh gur féidir leis rudaidhe a deirtear leis do thuigsint nó as féin rudaidhe do dhéanamh ar nós an duine. Cad é an chiall atá agat lé bheith ag fanacht amuigh déidheanach san oidhche? cad é an bun: cad chuige é: cad é an cúram nó an gnóth fóghantar dá bharr. An chéad chiall a bhí agam lé gan dul ag féachaint ar an imirt go raibh an turus rófhada agus an dara ciall ná raibh airgead an dulta isteach agam: fáth: bun: réasún. Bróga geimhridh gan aon chiall leó seadh na rudaidhe ísle éadtroma san: leathfaidh an fuacht 'san tsín thu ionta: gan aon fhuaimeant lé n-a gcaitheamh. Caith ciall leis an gcúrsa dúbhlaitheach so agus ná déin tada gan machtnamh ar a chúigidhibh go léir: buaidh, fearta meabhraidheachta. Dá gcaitheadh duine ciall leis an saoghal ní bhuadhairfeadh sé chómh mór é: dá meabhruigheadh sé dréir éifeachta agus a thuigsint ná fuil aon chómhacht againn ar a thoisc. Budh mhór an chiall do leanbh bheag imtheacht ag glaodhach ar an ngárda nuair ná feacaidh sé aon chorruighe 'n-a mháthair: an inntleacht do: an ghéire mheabhraidheachta. Ó bhí sé de chiall aige fanacht sa bhaile as chogadh nár bhain leis: gur tuigeadh do cad é an rud dob fhearr dho do dhéanamh. Budh mhó de chiall duit go mór agus go fada fanacht stuidéartha 'ná dul ar digh: dob éifeachtamhla: budh dheallramhtaighe. Tréis na céille go léir do bhronn Dia ar an nduine féach go ndéineann sé a aimhleas: an buaidh gur féidir leis an t-olc 'san mhaith do dheighilt. Sé ciall gur mhairbh sé an seanduine chun teacht ar a chuid airgid: bun: fáth: adhbhar lé n-a mharbhadh. Níor thug an lá indé ciall duit? an rud do dheinis indé cé gur dhochar duit é nó gur fhóbair gurbh eadh táir ghá dhéanamh indiu airís: níor fhoghlumuighis aon mheabhair as. Seachain tú féin ar dhrochchuideachtaidhibh ná seólfaid gan chiall thu: ar bhealach do mhíleasa. Dá gcaithinn mo chiall leis ní fhéadfainn aon adhmad do bhaint as na réilthínibh: is cuma cad é an machtnamh do dhéanfainn air dob é an toradh céadna agam gan aon éifeacht do bhaint asta. Níl ach amadántaidheacht ach bheith ag feitheamh le ciall as phiseógaibh: go dtiocfadh aonnidh de bharr bheith ghá gcleachtadh. Ná fág do chiall agus an phingin dhéidheanach do chur ar chapall ráis: bíodh fuaimeant leis an rud do dhéanfair. Os chionn mo chéille d'éirigheas aníos as an dtrínse agus piléir 'n-a gcith ag teacht orm: d'aindeóin mo thuigseana. "Mara mbeadh géilleadh do luighead do chéille agus an fear so do bhualadh le cloich chuirfinn bliadhain charcair ort": ceal tuigseana ar dhubhlaitheacht an ruda do dheinis. Éistear lé n-a ghlór, is é cnódh na céille é ní chuirfidh sé ar bhur n-aimhleas sibh: is ionat atá an chiall ar fad bailighthe isteach. "A chiméidigh, díthcéille, díthshláinte ort": go n-imthighir bán. Cé bheadh ag lorg céille ar an té a dhírigheas gunna lán ar tineall ar aonne? is mór an neimhmheabhair do bhíonn ar a lithéid. Ní h-aon mhaith bheith ag múineadh chéille do dhaoinibh óga: "ní thagann ciall roim aois": bheith ghá fhoillsiughadh dhóibh cad budh cheart dóibh a dhéanamh agus gan iad i ndán a thabhairt fé ndeara. Deireadh agam ag caitheamh mo choda go rabairneach. Nuair bhíos dealbh is beag dem sheanchómhluadaraibh gur chuma leo mar gheall orm; tá ciall cheannuigh agam anois: an rud ná raibh ionam a thuigsint cuireadh 'n-a luighe orm é i dtaithighe. Cuirtear daoine ar easbhaidh céille isteach i dtigh na ngealt, daoine go n-imthigheann a ngníomhartha dá gcumas. A rud gan chéill, stad! a dhuine ná deineann rud ceart. Ciall agus míchiall dís ná gaibheann lé chéile/ is dóigh le

fear gan aon chiall gurb é féin fear na céille: is mar a chéile d'fhear chiallmhar bheith ag cómhairleach duine gan mheabhair le bheith díomhaoin, mar is é a thuairm sin gurb é an cómhairleóir féin atá ar easbaidh céille. Mar a chéile bheith ag tabhairt céille do mhnaoi bhuirb nó bheith ag gabháil de ruibe ar iarann fhuar: ag moladh dhi cad budh cheart a's budh chuibhe dhi do dhéanamh. Ní fhéadfadh aonne bheith ar a chéill a shádhas duine eile gan adhbhar: ar aiste incheann gur féidir leis a bhreithniughadh an ceart nó mícheart a bhíos ar siubhal aige. Dhearbhuigh an gárda go raibh sé as a chéill ar meisce: mearbhall air, ná raibh aithne a bheart aige. Go bhfágaidh Dia a gciall a's a meabhair ag an gcineadh dhaonna, ach nách ait an nidh do rinne sé é féin do chaitheamh lé faill: aithne bearta díobhála ó bheart neamhdhíobhála. Níor mhaith an chiall duit an iomarca airgid do bheith ar iomchar agat i gcathair iasachta: níor bheart sheanchríonna í: rud amadántamhail dob eadh é. Budh mhaith an chiall duit solas do bhreith leat ag dul treasna an chnuic ó tá an doircheadas ann: gníomh go mbeadh éifeacht leis dob eadh é: rud fuaimeantamhail: bail nó gar duit dob eadh é mar smaoineamh. Cad é an chiall atá leis an bhfocal 'gáirdeachas'? – áthas an chiall atá leis: brigh: bun. Cad is ciall don luing sin bheith ar feadh an lae ar íoghair na spéarach? cad is bun leis: cad a bheir uirthe bheith ann? Is ionann ciall don dá fhocal so 'áthas', 'lúthgháir': an bhrigh chéadna atá leó. Ós carraig i gcéill thú aithris dom connus dréir do thuairme raghaidh an cogadh so sa Spáinn? i dtuigsint ós tú atá go doimhin léigheanta. D'iarraidh a chiall féin do thabhairt leis an ngníomh atá sé: a chóiriughadh féin do chur ar an rud atá déanta aige. Pé ciall é, bíonn an fear san i dTráighlí gach Satharn den mbliadhain: pé bun atá leis: beireann rud éigin ann é nách eól dúinn. Theastuigh uatha go mbeinn im bitheamhnach leó, ach chuireas i gcéill dóibh ná beinn, mar gur dhuine mhacánta me: chuireas in iúil dóibh é: chuireas 'n-a luighe le háiteamh ortha. Sé thuigim-se as dhul an toscaire seo ó Shasana go dtín Ghearmáin ná go bhfuil fonn ar Sheán Bhuidhe cómhar do dhéanamh leo, bain-se do chiall féin as: do bhrigh féin: bain tátall as dréir do thuigseana. Ó tháinig sé i gcéill ar an bhfear bocht aon tsaghas in ao'chor Riaghaltais do bheith in Áth Cliath tá Dia aige: ó thárlaidh: ó tháinig sé chun críche.

ciallach: *a.* fuaimeantamhail, éifeachtamhail, aireach, eagnaidhe, stuamdha. Bí ciallach a's ná tabhair drochshádhadh dhuit féin i ndrochaimsir: deallramh agus fuaimeant do bheith leat. Tuigeadh dóibh go raibh sé anbhreóidhte tréis na hoidhche do chaitheamh sa tsneachtadh as na freagraidhibh neamhchiallacha do thug sé dhóibh: ná raibh aon éifeacht leó: freagraidhe leachta ná raibh an inchinn ag beartughadh i gceart. "Níos ciallaighe", ars an t-oifigeach linn agus sinn ag éalódh ar an namhaid. "Ná déinidh oiread glóir": bídh níos airighe: seachnaidh cad tá dhá dhéanamh agaibh. Cuir 'n-a chómhairle mar dhuine taithightheach ciallach cad budh bhail duit do dhéanamh, díol amach nó cao bliadhna eile do thabhairt: duine tuigseanach go bhfuil eólas aige trí thaithighe. I rith na diospóireachta ar an móid dílse do Rí Shasana labhair ár dTeachta Dála go ciallach, ghá rádh gur bh'ait an rud é daoine do bheith le fagháil a chaitheadh a n-aimsir ag ionnsaighe a chéile ar cheann corónach eachtrannach: stuamdha.

ciallach: *f.1.* leanán, gaolach, rúnach: focal ceana. "A ghrádh geal 'sa chiallach, tair siar liomsa abhaile": a dhuine is ionmhuin liom. Fan socair, a chiallaigh, nó tuitfir 'on teine: a leinbhín ionmhúin lém chroidhe istigh. Ná himthigh thar lear uaim, a chiallaigh, nó

fágfair mé go duairc: a ionmhuin. A Shéamais, a chiallaigh, gheóbhair uaim mil agus beóir agus déanamh maith: a chara rómhuinnteardha.

ciallachadh: *f.* (*-chta*) brigh, bun. Ní haon mhaith bheith ag ciallachadh dhuit-se go dteastuigheann aon rud ó aonne ach uait féin, mar táir róleithleachais: do chur i gcéill duit.

cialladh: *f.* (*-lta*) an bheart do chur in ionannas, do chothromughadh. Gach aon uair do thugadh sé iarracht ar an dá rud do chialladh ar an meádh do chuireadh duine éigin a lámh uirthe ghá chur bunoscionn: iad do dhéanamh comhthrom. Teastuigheann cialladh ód bhriathraibh sara labharair, agus annsan labhairt lé h-éifeacht: sos do dhéanamh roim labhairt léd bharamhal do mheádhachtaint. Déin cialladh ar an olc a's ar an maith: sara ngníomhair machtnuigh go doimhin tuigseanach ortha.

ciallamhaint: *b.3.* do bheart na céille nó na brighe do chur in iúil. An é atá dhá chiallamhaint agat gur bh'fhearr leat marbh ná beó an fíné seo? d'iarraidh do chur in iúil. A dhe mhuise ná bíodh aon mhórlucht air má deir an t-aineólach bocht rud tar a thuigsint, bíonn sé ag ciallamhaint go maith: meádhann sé go maith: bíonn aigne maith aige.

ciallghlan: *a.* soiléir, sothuigse. Labhair go ciallghlan liom-sa gan aon liom leat agus bead níos buidhthighe dhíot: gan míostáid. Níor ró-chiallghlan é cómhrádh mo dhuine, doircheacht chainnte nár thuigeas aige: doiléireacht thoilteanach ag baint lé n-a ráidhtibh. Siúd é an fear a chuir in iúil é féin go ciallghlan, gur bh'fhuraiste breith ar a chainnt: go soiléir.

ciallghonadh: *f.* (*-nta*) mearughadh aigne, mearbhall. Nuair chuala go bhfuairtheas marbh ar a leabaidh é dhein sé ciallghonadh orm: mearughadh, suathadh mór ar an inchinn nár bhféadas aithne a chur ar mo bheart ar an uain agus ar an láthair: dhein sé stalcadh díom. "A chara", arsa Séamas, "tá ciallghonadh déanta agat orm leis an ndroichíde atá tugtha ged namhaid ort": cuireann sé mearbhall orm: baineann sé luadar mo theangan díom lé hobaine is buaidhreamh.

ciallmhaireacht: *b.3.* d'aiste bheith stuidéartha, fuaimeantamhail, éifeachtamhail, daingean, dothógthach: tuigseanacht. Is deacair dul ón gciallmhaireacht, trí gach tarcuisne dár thugadar do d'éist a bhéal níos túisce 'ná chuirfeadh sé é féin i dtreis le daoinibh go raibh a n-ainm anáirde lé míochlúdh: an méid sin tuigseana gur ar cóimhrian leo chuirfeadh sé é féin dá bhfreagradh iad. Lé ciallmhaireacht dar leis, do staon sé ó aon lámh do bheith aige san iomchogadh: tuigsint tar chách. Caith ciallmhaireacht leis an ndígh agus ná híbh breis, ar eagla do threascartha: meádhachtaint deasca agus tortha an iomad di do chaitheamh. Dá mbeadh do chiallmhaireacht-sa agam a choigil tu as t'óige ní bheinn im bhochtán indiu: an ghéire agus an tuigsint cad do mheádhfadh sé dhom ar olcas nó ar mhaitheas cnuaisciún nó caitheamh do dhéanamh. Cé chuirfeadh ciallmhaireacht fé thuairm an té a théidheas thar a aoirde gan snámh: tuigsint: éifeacht.

ciallmhar: *a.* éifeachtamhail, aireacht, tuigseanach, seanchríonna, glic, réasúnta, fuaimeantamhail, bunadhasach. Tagadh cainnt chiallmhar uait nuair bheir ag lorg guth nó

beidh thiar ort: cainnt nách féidir í do bhréagnughadh, go mbeidh bun a's tuigsint innte: éifeachtamhail: deallramhtach. Bí ciallmhar connus mar chaithis do chuid airgid, ná bí leibideach fé: tuig i gceart luach gach scillinge dhe agus a mhaitheas dhuit sara gcaithir í. Daoine grádhmhara ciallmhara ná raibh riamh in arad lé n-a gcómharsanaibh: daoine dá bhfaghaidís cúis féin chun easaontais a bheadh foidhneach. Acht chiallmhar dob eadh acht na seantáillidhe, mar is iomdha duine bocht i ndeireadh a shaoghail a ghaibheas gradam ná geóbhadh gan é: gníomh maitheasa go raibh deallramh leis. Deireadh Art Ó Gríobhthaigh gur chiallmhaire d'aon lucht ceannais na tighthe tábhairne d'fhágaint ar oscailt de ló agus d'oidhche, gur bh'eadh budh lugha cion na ndaoine ortha acht budh bunadhasaighe: budh mhaith ná budh dhíobháil. Cómhairle chiallmhar i gcainnt chiallmhar fir chiallmhair: an chómhairle is fearr dob fhéidir d'fhagháil ó chroidhe maith.

ciallradh: *f.1.* gaois, fuaimeant. Éist lé ciallradh an chinn léith a's is iongadh má théidhir amugha mar is foirbhthe a dtuigsint ó thaithighe: gaois na seandaoine bunuighthe ar eólas – olc agus maith – na beatha. Ciallradh na seandaoine ar luibheannaibh budh dheacair trácht: a n-eólas ortha do cheasnaidhthibh agus i ndéanamh cogus asta.

ciallughadh: *f.* (*-ighthe*) fuaimeant, míniughadh, cóiriughadh, eidircheart friotal. Á chiallughadh dho dréir mo thuigseana féin bhíos cad budh bhun leis an gcainnt do thug Aire Tionnscadail a's Tráchtála uaidh ar na monchraidhibh nuadha nuair d'éirigh sé ar buile chugham: ag tabhairt brighe na hóráide dho. D'árduigh sé a lámh dhá uair ghá chiallughadh dhom caitheamh ar an namhaid: ghá chur i dtuigsint dom cad a bhí uaidh mise do dhéanamh. Ciallughadh mo chainnte ag an bpollachtaidhe go rabhas ar thaobh Shasana toisc gur mholas Deibh: an cóiriughadh nó an eidircheart friotal do chuir sé uirthe. Ní hé an ciallughadh atá agat-sa a labhair atá agam-sa a chualaidh tu, leis an rud a dubhrais: ní hí an bhrigh chéadna: an rud a bhí ar aigne agam-sa do chur in iúil ní hé a bhainis-se de bhrigh as. Anois do braithtear ciallughadh ceart na Connartha lé Sasana, nuair chídhtear an greim daingean atá aice orainn: an míniughadh: an tslighe 'n-a n-oibreóchadh sí n-a dlighe agus 'n-a riar.

cialluighim: *b.a. 7 n-a.* meádhaim, cuirim i gcéill, cómharthuighim, meádhaim. Cad chialluigheann an focal maitheas? cialluigheann sé 'bail' nó 'sochar': cad mheádhann sé: cad is bun leis: cad chuireann sé in iúil. Cad is dóigh leat do chialluigheann na scamaill bhána san, ag rith treasna aghtha na gealaighe? cad a thiocfas asta: cad é an saghas aimsir gur tuar ar iad. Cad chialluigheann tú lé scríobh mion annso agus scríobh mór in áit eile? cad é an fáth atá agat leis. Chiallóchainn duit gan tabhairt fé strapadóireacht san bhfaill sin, mar tá sí róbhriosc: chuirfinn i bhfighis ort: chómhairleóchainn duit é: chuirfinn 'n-a luighe ort é. Cad chialluighir lé n-a rádh gur bh'fheárr leat do bhás trí huaire 'ná dearbhughadh na fírinne in aghaidh na mná san? cad é an bun atá agat leis: cad budh mhaith leat do chur in iúil.

cian-: *i gcómhfhocalaibh* i bhfaid, fada. Chianaistrigheas an lá d'fhágas an Dún le teacht go Midhe a's mo thuairm ná feicfead choidhche airís é: thaisdealas i bhfad. Chianaistrigh an ghaoth an ceann den dtigh, scuab sí thar cnoc é: d'aistrigh an-fhada ó bhaile. Milleann mo comhursain me ag achrann liom, ní bheidh suaimhneas ná síth agam go gcianaistrighead ó n-a nglór: go n-imthighead i bhfad as an áit. Bhíodh tláthas, saghas

éigin, san gCúil Iarthaigh cianta ó shoin, cianáit dob eadh é do dhaoinibh a bhíodh ar teicheadh, do chloisinn: áit iargcúlta, deacair le teacht air. Raghad i gcianáit ná faghair amharc súl orm an dá lá dhéag a's bheir id bheathaidh lé gráin ort: na mílte mílte ó bhaile. Cianamharc seadh Cnoc Bhréanainn ó Chasadh na Gráige, ag brughadh ar fiche míle: radharc achar maith ón gCasadh. Ní fhéadfainn a rádh go cinnte cad é an méid crainn a bhí ar an luing mar ní bhfuaireas uirthe ach cianamharc: radharc i bhfad uaim. Ag cianbhreithniughadh imtheachta na Rúise as so is ródheacair a bheith deimhnightheach de cad budh cheart do dhuine do rádh 'n-a taobh: ag tabhairt breithe uirthe i bhfad uait. Níor rófhuraiste dhúinn fírinne an chianscéil do dheimhniughadh mar ná raibh tuairisc ó aonne ar an láthair againn: an cúrsa do thárla in imigcéin. Cad é an cianoileán atá ar na Blascaodaidhibh: an t-oileán is sia ón míntír. Níor ghoirtigh an piléar go ródhona é mar chian-urchar dob eadh é: tháinig sé i bhfad.

cian: *a.* i bhfad, i bhfad ó bhaile, in achar, in aistear fada. Aistear cian i gcois seadh dachad míle in aon ló: mór fada. Níl an t-oileán is mó aca cian ón míntír – trí mhíle díreach: i bhfad. Budh chian leis an arm siubhal a thuilleadh an lá san agus dheineadar sos go gealadh lae ar n-a bháireach: b'fhada leó é. Mianach ait dob eadh é, b'é an duine cian dob fhearr leis riamh mar chómhluadar: an duine iasachta. Aimsir chian seadh í as so go Nodlaig fós cun bheith ag cuimhneamh ar bhronntaisidhibh um Shamhain: rófhada roim ré. Chaith sé aimsire budh chéine 'ná dachad bliadhain san Oileán Úr: aimsir budh shia go mór ar fad.

cian: *b.2.* (*iol.* –ta) seal (fada) aitreamh, eaga mhór, aimsir fhada, aos, tamall: achar, achar fhada. D'éirigheas tuirseach de bheith ag feitheamh leis, budh chian liom é, d'fhágas annsan sa mhío-ádh é: an seal rófhada bhíos ag brath lé n-a theacht. An cian ataoi annsan? tá cuma imshníomhach ort? an fada? foradh fiar ar a thaoibh, is cian ó cuireadh i gclódh: is iomdha san bliadhain ó cuireadh cruth air. Is cian ó leagadh Caisleán Rátha Fhionáin, trí chéad bliadhain ó shoin nách mór: is fada: tá seal maith aimsir ann gan aon amhras. Cianta roim Chath Dhúna an Óir do bhí mo mhuinntir ar an dtaobh thiar don nDaingean: aimsir fhada. Is cian ó thárlaidh an t-Oileán Mór agus Beiginis ceangailte dá chéile: siar siar amach. "An bhfanfair liom ar feadh tamaill go ndeinead teachtaireacht bheag?" – "ní cian liom fanacht go hoidhche leat": ní fada liom é: ní chuirfidh an mhoill aon mhairg orm. "Nách fada gur phósadar?" – "níor chian léi céad bliadhain do chaitheamh ag feitheamh leis": ní thaidhbhseóchadh sé ag cur as di. "An fadó cuireadh an Ógham san ar Ghalán an tsagairt?" ars an fear ag lorg eólais – "na cianta" ars an té a léigh an foirscríobh. Tagann na géidheanna fiadhaine annso ó imigcéin i dtosach an gheimhridh agus imthighid im imigcéin ar theacht tosaigh an earraigh: críoch nó críocha i bhfad Éireann ó bhaile mar Inis Tuile nó Tuaisceart na hIorbhuaidhe. Ní feacthas scéirdínidhe leis na ciantaibh tímcheall chósta Chiarraidhe, d'eirigheadar de theacht ann: lé h-aimsir anfhada. Beidh cian d'aimsir ann sara mbeidh aon choinnlidheacht sa gharsúinín sin: beidh bliadhanta fada ann. Níor chian liom oidhche gheimhridh 'n-a chuideachtain b'iontsuime é a chómhrádh: níor leasc liom. Ná creideadh aonne focal uaidh, níor inns sé cian den bhfírinne riamh: an chuid is lugha. An cian bhír ag argóint liom ní bhfaghair faic uaim: an fhaid. Idir chian agus chómhgar bhí sluaighte sa tsochraid: as áiteannaibh i ngiorracht agus i bhfaid. B'fhiú bheith ag éisteacht leis ag cur síos ar an saoghal, fear a thaisdeal na cianta coimhtheacha: tíortha iargcúlta, aisteacha. "An dtiocfad suas leis má

luathuighim?" – "ní dóigh liom é; tá sé cianta ó bhaile ó fhág sé": achar mór slighe nó bhealaigh. "An fadó imthigh sé amach?" – "ó chiainibh, ní féidir leis bheith i bhfad ó láimh": seal beag ó shoin. Cár imthigh an madra a bhí annsan o chiainibhín beag ó shoin? nóimintín ó shoin. Cian bliadhna a's fiche atá ann ó cuireadh Cath na Cásca: achar. Níor aithnigh sé me d'atharuigheas an oiread san 'n-a shúilibh, bhí na cianta leis ó chonnaic sé me: tréimhse anfhada.

cian: *b.2.* leasc, brón, duairceas, ísle bhrighe. Tógann an ceól an cian dem chroidhe: árduigheann sé mo mheanma. Cuireann an bás cian ar dhuine éigin i gcómhnaidhe: brón. Caith dhíot an cian a's croith suas tú féin, tá cuma an-dhubhach ort: an duairceas: ceal meanman. Ionnas nár chian dhuit feasda me, guidhim as ucht do thaise cluas do thabhairt dom bhréithribh: nár thuirse dhuit mé: ná beinn mar chúis atuirse dhuit. Brathaim fé chian éigin san áit seo, níl anam ná beódhacht croidhe ionam: mo mheanma claoidhte: dúire.

cianach: *a.* brónach, duairc, dolbhach. Budh chianach d'Éirinn ar bhás an Pheáirnéalaigh, ar fuaid na dúthaighe do bhí na daoine 'n-a stalcadh gen scéala: brónach, dubhach, croidhebhristeach. An oidhche a séideadh an t-arbhar as na h-iothlainnidhibh budh chianach ag na daoinibh bochta: duairc, cásmhar, caillteach.

cianaibidh: *a.* an-aibidh ar fad, aibidh ar tí sillte. An bhfuil an coirce sin aibidh? - aibidh? tá, mhuise, cianaibidh, tá an gráinne tuitighthe as: aibidh lé fada. Is mithid an chos san do leigeant tá an t-othar cianaibidh innte: críonaibidh, aibidh amach.

cianaindeise: *b.4.* aindeise, máchail nó iomard lé fada riamh. Nách bacach atá an fear san? cianaindeise í sin d'éirigh sa chogadh mhór do, chuaidh scolb 'n-a chromán: máchail nó gonadh nár thárlaidh indiu ná indé. D'fhág an t-ólachán agus an ragairne cianaindeise ar shláinte an duine úd: iomard lé n-a shaoghal: goilleamhaint a leanfas é.

cianaistear: *f.1.* turus fada, turus tar lear; fada don gcóir iomchair nó don gcois. Cianaistear coisidheachta seadh Corcaigh ó Dhún Chaoin, ach ní haon teamhair ar ghluaisteán é: turus rófhada de chois, turus gan éifeacht i ngluaisteán. Seadh, tá sé ar lár sa deireadh a's ní nár do é, chaith sé cianaistear ar an saoghal so: thárla dho bheith an-aosta lá a bháis: fadshaoghal.

cianaistearach: *a.* faid shlighe. Budh chianaistearach an last adhmaid é ó Bhaile Sheáin go Daingean – níor chianaistearaighe é 'ná an last chruithneacht ón Astráil go Corcaigh: fadchúrsach: achar mór fada neamhshábhálta.

cianamhail: *a.* brónach: aistearach. Cad dhein do chroidhe cianamhail go bhfuil an chuma gan ghreann ar do chionnaghthaibh: brónach, dubhach. Croidhe is cianamhla 'ná mo chroidhe-se is deacair d'fhagháil ar amharc na háite follamha go mbínn agus mo chéadshearc tráth: budh dhoilbhre.

cianamhlas: *f.1.* faid, achar. Cianamhlas na slighe ó Dhún Chaoin go Corcaigh sa tseantsaoghal, bheag an ghoilleamhaint do dhéineadh sé ar na seandaoinibh lé n-a

dtaithightheacht air: faid mhór. Chuir cianamhlas na mílte ’on oileán agus bheith im aonar ann uaigneas orm: a fhaid mhór ó thír.

cian-aois: *b.2.* sean aois, aos fada, fáistineach nó caithte. Mar an b’é am don gcrúnca liath é bheith ag pósadh ’n-a chianaois do: aos mór. Tá cian-aois ag caisleán Phiarais – na céadta: aos mór fada. Ní fios cad é cianaois na carraige ceirtlighthe seo – dá mhilliún ar a luighead! aos tar meón le háireamh.

cianaosta: *a.* le haos mór. “Ní cheannóchainn in ao’chor do chapall cianaosta”, ars an tuinncéir go magamhail leis an bhfeirmeoir, “is air a bhí Rí Liam lá na Bóinne”: críonna caithte le haois.

cianbhodach: *f.1.* tíoránach i bhfad ó shoin. “Cén fáth go dtugtar Cuas an Bhodaigh ar an gcuas san?” – “cianbhodach a bhí ’n-a chómhnaidhe annsan san tseanracht”: bodach a mhair seal mór ó shoin.

cianchaladh: *f.* (*-adtha*) caladh, port i bhfad ó bhaile nó i dtír iasachta neamhaithnid. Captaen maith dob eadh an Cuinneach agus níor cailleadh dóchas ar feadh na stoirmeach ná go mbainfeadh sé cianchaladh éigin amach lé n-a fheabhas: áit dulta i dtalamh in achar. Chaitheadh an seanChathánach na hoidhcheanta, a’s seandaoine an bhaile bailighthe air, ag cur síos ar na cianchaladhaibh do thaisdeal sé agus é i gcabhlaigh Shasana: na bailte puirt i dtíorthaibh tar lear.

cianchathair: *b.5.* cathair i bhfad ón mball. “Imtheóchad!” ars an fear lé n-a mhnaoi nuair bhí buile air, “agus cómhnóchad i gcianchathair éigin ná faghair aon tuairisc orm as”: cathair in imigcéin.

cianchimiar: *b.5.* créacht, gonadh nó máchail lé fada riamh. Is fada an tsúil agus taobh na leacan bainte asam, tá sí n-a cianchimiar orm ón lá leagadh le faill me: rian máchaileach lé fada riamh. Droichíde agus droichbhiadh i dtosach saoghail a fhágas cianchimiaracha ar an nduine: rianta díobhálacha ná cneasuigheann lé haimsir: goilleamhaint bhuan.

cianchréacht: *b.3.* gortughadh cuirp a fhanas i bhfad nó do shíor. Is iomadamhail iad cianchréachta an chogaidh mhóir – deascadh géag, cailleamhaint súl, turrain pléascán etc.: na gonta fuair saighdiúiridhe ann a fhanfas ’n-a rian choidhche ortha.

cianchúis: *b.2.* cúis sheanda. Má shéan an t-os féin gurb é shailigh an t-uisce ar an machtíre fuair seisean de chianchúis air gurbh í máthair a mháthar do shailigh é: cúis sheanda: iartharach. Táir agam sa deireadh, is fada cianchúis agam ort: an cuimhin leat an droichíde thugais dom a’s me im bhráighe agat: seanchúis.

cianda: *a.t.* fada, aistearach. Ó, a dhuine mhuinnteardha, thugas scathamh cianda ag feitheamh gur hoscladh an banc: tamall fada. Oileán rochianda ón míntír do bháidín béaloscailte seadh an Sceilg: an fhaid amach sa bhfarraige rómhór ar fad.

ciandacht: *b.3.* leascacht, imigcéineacht. Lé ciandacht an bhaill amuigh ar fad dachad míle ó aon tsaghas baile níor mhaith leis lonnughadh ann: faid na háite ó thíorachas. Thuirsigheadar le ciandacht an bhóthair tréis céad míle siubhalóide, agus chuadhadar an chuid eile dá n-aistear ar an dtraen: liostacht, fadálacht: moille a chuireas míoshuaimhneas orainn.

ciandearcaim: *b. n-a.* féachaim nó amharcaim i bhfad uaim. Ciandearc ó dheas agus siar beagán ó Cheann Sraithe agus chídhfir dhá charraig mhóra mar dhá bháirneach go mbeadh a dtón anáirde: sin iad na Scealga: féach go cruinn i bhfad.

ciandearcadh: *f.* (*-ctha*) féachaint i bhfad ó bhaile. Buaileadh im aigne go minic go raibh suathadh ar inchinn na seanmhná, mar chídhinn í ar bhruach na farraige ag ciandearcadh an uile lá breágh: ag féachaint uaithe amach chun na mara.

cianfhada: *a.* anfhada, an-achair: buan, buansheasamhach. Caithidh uaibh aimsir chianfhada, maithidh dá chéile a's ná bíodh aon díomas eadraibh: aimsir fadó agus rudaidhe neamhthaithneamhacha thárla. Déanfaidh an tigh sin ar an ndéanamh atá air agus an t-adhbhar tógtha tógbháil cianfhada: seasóchaidh sé i bhfad agus i bhfad. Níl ann ach ruathaire beag fir, is cianfhada leis fanacht leathuairín le haonne: aos leis seadh é. Carraig chianfhada seadh an Sceilg ó Cheann Sraithe, is doiléir do chidhfeá í: carraig suidhte in achar anfhada ar fad.

cianfhreagra: *f.4.* freagra ó áit i bhfad ón láthair. Níor thúisce fógradh an oidhreacht ar lorg oidhridhe 'ná go raibh cianfhreagraidhe 'n-a tuile ag teacht isteach as cheithre árdaibh an domhain: freagraidhe ó bhallaibh na mílte mílte ón láthair. Tréis fiche bliadhan gan scríobh fuaireamair cianfhreagra uaidh ar an leitir do scríobhadh deich mbliadhna ó shoin: freagra tréis seal fada.

cianfhocal: *f.1.* focal ársa: focal a cloiseadh lé linn óige dhuine: seanda. Tá na céadta cianfhocal aige ó bhéalaibh na seandaoine: focail sheanda. Cianfhocal seadh: "ná loc an biadh orm": ná ceil an biadh orm. Cianfhocal im inchinn seadh é, fan, féach a bhféadfainn a bhreith liom: focal atá i bhfad siar trí cheal áise do bhaint as, nó lé n-a dheacracht.

cianfhulang: *f.1.* fadfhulang. Cuirtear deireadh, ars an Peáirnéalach, leis an gcianfhulang ag feirmeóiridhibh ar thighearnaidhibh talmhan, budh lé nbhur sínsear na gabháltais atá aca san anois: tinneas, dochar na mbliadhan gur gabhadh tríd. Ní chuirim oiread nath anois innte agus chuirinn, cos chianfhulaing í lém chuimhne: cos atá ag cur tinnis a's duaidh orm lé fada riamh. Tír chianfhulaing fé thíorántacht Shasana dob eadh í seo gur speach na daoine 'n-a choinnibh: ag bruic lé drochriar Shasana. Seán Ó Laoghaire, Séamas Mac Stiofáin, Ó Donabháin Rosa, Tomás Ó Cléirigh agus an chuid eile aca b'iad na fir chianfhulaing in aghaidh dlighe Shasana, nár bh'fhéidir a spirid do bhriseadh: dochlaoidhte, dochuimsighthe. Carcar ná pian ní bhrughfadh a chroidhe cianfhulaing: croidhe ná géillfeadh lé tóirtéis d'aon ghéirleanamhaint.

cianghaol: *f.1.* gaol i bhfad amach. Bíodh iarlaitheacht éigin ag baint leis go saoiltí gur chianghaol do Bhrian Bóramha: go raibh an fhuil chéadna sa mbeirt aca. Ó táid saidhbhir cé gur geairrid don easna agam iad leigid ortha ná fuil ionta ach cianghaolta dhom: gaolta i bhfad amach lé táir orm. Ní mór na gur cianghaolta muinntir Chorca Dhuibhne táid chómh connluighthe sin ar a chéile riamh go bpósaid eatartha féin: daoine go bhfuil gaol aca lé chéile dá scartha iad.

cianghoin: *b.3.* (*iol.* –ghonta) Tagann an chianghoin do fuair sé Seachtmhain na Cásca leis go mion minic: an ghoin úd na bliadhanta ó shoin. Ní ambáireach ná arbha ambáireach do chneasóchaidh an lámh san, déanfaidh sí cianghoin is eagal liom: gortughadh nó máchail a mhairfeas tamall fada. Cianghonta iad san atá ag briseadh amach a fuair sé ó bheith ag bruighean 'n-a óige: goirtighthe seanda.

cianiomard: *f.1.* máchail fhada, cheana nó lé teacht. Má bhuaileann an tarbh malluighthe sin pleannc dá adharcaibh ort fágfaidh sé cianiomard ort: fágfaidh sé cimiar, máchail, cabhán, gortughadh ort a leanfadh led shaoghal thu, b'fhéidir. D'fhág an dochtúir cianiomard uirthe leis an gcéad duine clainne: ag saoghalughadh an leinbh ghoirtigh sé í i slighe nár thainig uaidh.

cianmhachtnamh: *f.1.* machtnamh nó smaoineamh i bhfad siar sa chuimhne: smaoineamh nó teadh nách é gach aonne a dhéanfadh é. Dhearmhadas an rann do rinne Piaras i dtaobh an Dúna agus thugas an mhaidean ag cianmhachtnamh uirthe: d'iarraidh cuimhne uirthe as doimhneacht mo smaointe a's ag cuimhneamh ar rudaidhibh a chuirfeadh i gcuimhne dhom í, dar liom. "As do chianmhachtnamh é!" deirtear lé duine, go moltach, nuair chuimhnigheann sé go grod ar rud tréis mórán smaoinimh.

cianmhaoin: *b.2.* bronntanas earraidhe nó aistrighthe fagtar lé hudhacht ag duine. Dealbh, bocht go leór do bhí sé gur thuit cianmhaoin éigin isteach air ó chianghaol éigin san Oileán Úr: airgead d'fhág an gaol úd le hudhacht aige.

cianmharthain: *b.* (*-than*) faid saoghail, comhnaidhtheacht árdfhada. Léd chianmharthain ní iomcharófá an mála guail seo go barra an chnuic sin: faid agus bheidhfeá beó [lé cinnteacht a deirtear é seo]. Ar feadh a chianmharthan – agus mhair sé os cionn céad go hárd – deireadh Éamonn ná feacaidh aon fhear dob fhearr radharc ná Coilí: saoghal éachtach. Dlighthe Dé do bhunuigh sé i gcianmharthain: a sheasóchadh choidhche.

cianmharthannach: *a.* fadshaoghalach, síothbhuan, suthain. Éan cianmharthannach seadh an fiolar: maireann i bhfad. Nách cianmharthannach é rian na n-iomairidhe sin do bheith ann ó bhliadhain na gorta: a bheith i bhfad Éireann lé feicsint. Craobh a's fraoch cianmharthannach ar Cheann Sraithe: a mhairfeas bliadhain ar bhliadhain gan feódhadh.

cianóg: *b.2.* bonn airgid de luach leathfeóirlinge. Ní fiú cianóg an tobac san: ní fiú mórán é. Cianóg ruadh ní bhfaghadh sé ar an dtalamh nuair d'éim na daoine é: cianóg déanta de phrás (rud gan aon luach) ní thabharfadh aonne air. Fear chómh sprionnlaithe a's seasaimh ar an dtaobh thiar de chonntabhairt riamh, luach cianóige ní thabharfadh ar

cáirde: an earra budh shaoire ’n-a thigh. Ní thabharfainn cianóg ar a bheatha, taidhbhsigheann sé chómh holc san dom: is beag é mo mheas martha air.

cianolc: *f.1.* olc, drochaigne atá i bhfad beó. Sháidh sé me nuair fuair sé an chao orm, mar bhí cianolc aige chugham toisc go mbínn rómhaith in iomarascáil: drochaigne le tamall mór fada. Déinimís muinnteardhas a’s ná bíodh cianolc againn chun a chéile: drochaigne feasda: táimhleas: faltanas.

cianpheaca: *4.* peaca i bhfad siar. Mara mbeadh cianpheaca ár gcéad sínsir níor ghábhadh dhúinn allus ár ngruadh do shilleadh: peaca an tsínsir: an chéadpheaca. An bhfuil sé cóir ná ceart cianpheacaidhe mo sheanathracha do chasadh liom: peacaidhe aosta.

cianscéala: *f.4.* scéala i bhfad, in aistear, ó chian. Ní fada bíonn cianscéala ag sroicheamhaint na háite is iargcúlta leis an eadarbhuas: scéala na gcéadta mílte. Cianscéala go raibh sé thiar i Nóm in Alasca: scéala a thainig i bhfad nó bhí i bhfad ag teacht.

ciansmaoineamh: *f.1.* smaoineamh i bhfad siar nó i bhfad roim ré. Budh mhór an ciansmaoineamh do chuimhneamh orm gur mé bhí ann agus ná feacamair a chéile le chúig bhliadhna déag: cuimhne aibidh, aitheantamhail. Chaith sé leath a shaoghail ag ciansmaoineamh ar threabhachaistidhibh an cheanntair chun a stair do scríobh: ag smaoineamh go doimhin agus go fada agus go léigheanta.

ciantach: *a.* aosta, seanda: seanóir, arrachtach. Fuaireas seanleabhar láimhscríobhtha anuiridh a bhí chómh ciantach san nách féidir leis na hughdaraibh is fearr ceanntráth do chur leis: seanda. Cloch chiantach an chloch chinn atá ar uaigh mhic Righe Philb na Spáinne i mBaile Bhiocaire, aimsir na hArmáda do tógadh í: cloch sheanda. Dhein sé amach gur chiantaigh na daoine a bhuail leis ar an oileán ar na rocaibh a’s na riastaidhibh a bhí ’n-a gcroicean: seandaoine ró-aosta.

ciantuirse: *b.4.* tuirse lé fada: tuirse throm. Spreagfainn ceól diút i gcúil ár seómra do scaipfeadh ciantuirse do mhuinntire a’s do dhúthaighe: an tuirse ’n-a ndiaidh súd i bhfad ó bhaile. An chiantuirse a chuir tréigean mo leannáin orm i dtúis m’óige leanfaidh ’on chré me: brón i bhfad ó shoin.

ciapadh: *f.* (*-ptha*) crádh, clipeadh, cur tré chéile, suathadh, ciopadh. Bead ag ciapadh an chroidhe ag an Riaghaltas go dtí go n-éistighid liom chun athruighthe do dhéanamh ar dhlighe an uradhais: ag cur ceisteann ortha, ag lorg ortha, gan sos do thabhairt. Thug an Ghearmáin ciapadh an anama don saoghal mór le linn an Chogaidh Mhóir: crádh agus cur tré chéile. Ná bí ag ciapadh an leinbh ag tógaint a chuid breágán uaidh: ghá chur chun guil agus mioshástachta. Tiocfaidh olc air má labhrais goirgeach chuige mar is furaiste é do chiapadh: é do chorruighe as a stuamdhacht: é do chur chun feirge. Tugann tinneas fiacal ciapadh maith don té go dtagann sé i gceart air: crádh agus míoshuaimhneas cuirp agus aigne. Gheibhir ciapadh an diaill bhuidhe ós gach aonnidh: bír neamhfhoighdeach lé gach gnóth a’s cúrsa a thagas treasna ort agus cuireann buaidhreamh dá dheascaibh ort.

Ní mór an ciapadh gheóbhair as an leitir sin do chaitheamh ’on phost, cad é an cnáimhseán atá ort? an cur as duit é. Ní gan ciapadh tigh do chongbháil nuair bhíonn muirear mór ann: duadh agus buaidhreamh. Aicme chiaptha seadh na fíogaidhe chéadna, ag stracadh éisc a’s líon: cuireann siad achrann agus dochar ar an iascaire. Fuair a inchinn an oiread san ciaptha as mharbhadh a dhreathár gur imthigh dá chéill agus gur ídigh é féin: suathadh trom: an coguas ghá bhuaidhreamh do shíor. A bhuidhe lé Dia ná fuil aon rud ag ciapadh m’aigne anois ach m’anam do dhéanamh: ghá suathadh.

ciapáil: *b.3.* suathadh; iomarbháidh, coimheascar, achrann, scóladh, buaidhreamh, crádh, cuardach, séirseáil, útamáil. Fuaireas an oiread san ciapála ón saoghal, bliadhain ar bhliadhain, me dhá bhriseadh as gach aon iomad dá mbíodh agam go dtáinig éadóchas orm: tuargaint. Má buadhadh an cluiche féin oraibh, a bhuachaillidhe, thugabhair ciapáil mhaith don dtaobh eile, ní mór breise a bhí aca: thugabhair cath maith uaibh: shuadhabhair go maith iad. An tarrac agus an suathadh tímcheall na gcloch a’s ní hé an fhaid bhíos ón gcloich thug an chiapáil dom: an caitheamh ’san tuargaint. An saoghal agus me féin ag ciapail lé chéile in achrann a chéile: ag dréim, ag sparnghail, ag casadh le chéile. Fuaireas an-chiapáil i gcoinnibh na faille sin, mo chosa ag stroilleamhaint uaim agus greim mo lámh ag teacht liom: andhuadh. An chiapáil ghránda chóimhdhíobhálach so eadrainn ó aimsir na Connartha cuirimís deireadh léi: an t-imreas(án): bruidhean. Deirim leat anois go bhfuaireas ciapáil mo dhóthain d’iarraidh teacht isteach i gcoinnibh na taoide agus na gaoithe: suathadh, caitheamh thall ’sabhfus. Imirtheóiridhe maithe seadh na garsúin, ciapáil nár thaithnigh leó fuair na fir fhásta uatha: bualadh is freasabhra. A lithéid de chiapáil ar chártaidhibh, gach ceann dá gcaithim amach dhá bhualadh orm: claoidheachtaint. Budh dheacair a rádh ceaca iomarascálaidhe dob fheárr, mar coisceadh iad tréis ciapáil mhaith do thabhairt dá cheile go raibh saothar ar an mbeirt aca: suathadh agus tuargaint. Seadh, ní haon mhaitheasa bheith ag cainnt, a fheara, ach budh mhór an chiapáil don bhfear a tháinig anuas ó B’l’Áth Cliath an chloch Ogham san d’fhagháil amach: an mionchuardach: an dícheall oibre. Cuir uait an chiapáil sa chúinne sin, níl aon rud leat-sa ann: an útamáil ar mh’anam. Do sheanduine mar é ná fuil aon droichchiapáil (oibre) déanta aige, féach air sin, deich míle focal scríobhtha aige: ciarláil: iarracht mhaith dréir a chumais.

ciapaim: *b.a. 7 n-a.* crádhaim, buadhairim, tuargaim, suathaim. Sin gluaisteán go bhfuil me ciaptha (ciapuighthe) aige, an uile lá rud éigin ar mhíghléas leis: cráidhte: míoshásta ó bheith ghá chur i bhfearas. Chiap an focal me gur fhiafruigheas des gach aonne a bhuail liom ar feadh mí cad é an chiall a bhí leis: chuir sé m’aigne tré chéile: chuir sé aingcis orm: níor thug sé aon tsuaimhneas dom. Chiap an fhiacal me ar feadh seachtmhaine, gan néal chodlata do leigeant orm, gur thugas iarracht ar í do stathadh me féin: phian sí mé agus shuathaidh sí m’inchinn. Grádh cianta, grádh ciaptha (ciapuighthe) an grádh so im lár: grádh atá ghom chlaoidhe lé fada, fada. Do chiap an ghaoth chontrárdha an t-anam ges na máirnéalachaibh: ’n-a gcoinnibh ar feadh an iomraimh ar fad: do mhill sí iad: do dhein sí cráidhte, clipighthe iad. Níl aon rud is mó do chiapfadh duine ná a iasachtaidhe do bhualadh leis gan choinne: a chlipfeadh é: a bhainfeadh geit as ná taithneóchadh leis. Chiap an saoghal é: rug duadh mór air d’iarraidh a shlighe bheathaidh do shaothrughadh. Nuair shádhas mo lámh im phóca ar lorg an phúint chun díolta as mo chod bídh bhí sé ar iarraidh, chiap san go maith me, creid me: chuir sé mío-shuaimhneas agus míoshásamh,

cuid mhaith, orm. Ciapann an fhuinneóg san me, ní stadann sí ach ag glórghail ist oidhche nuair bhíonn aon ghaoth ann: clipeann sí me, ní thugann sí aon tsuaimhneas dom agus bím cráidhte dá dhruim sin. Chiapfadh drochúirlis aonne: chuirfeadh buadhairt air.

ciapaire: *f.1.* crádthuightheóir: clipightheóir: buaidhritheóir, céasadóir, scóltuightheóir. Ciapaire buachalla a chuireas seanmhná an bhaile ag bruighean lé chéile leis na scéalta suainseáin do bheireann sé eatartha: buachaill a chrádhas iad. Ní raibh aon chiapaire ar scoil lém linn ach é, b'é a aoibhneas bheith ag déanamh achrainn eadrainn 'sag déanamh rudaidhe a chuireadh goirgeacht ar na máighistiridhibh: duine a bhíodh ag déanamh aimhleasa, ainbheart, dothairne, tubaiste ameasc a chómhdháltaidhe. Mar an tú an ciapaire agam mar mhéir, nár stad i rith an lae ach ghom ghortughadh: rud a chrádhas me go mór. Seo, a chiapaire, agus ná hiarr a thuilleadh orm: bíodh san agat, a dhuine, atá ghom chlipeadh a's dhom bhuaidhreamh.

ciapálaidhe: *f.4.* duine trodach: duine goirgeach: duine braim-stiallach, duine aingciseach; útamálaidhe. Ciapálaidhe ná fágann tigh sa tsráid ná go dtugann turus air ar thóraidheacht feasa: cuarduightheóir. Mo dhóthain cúirim a bhí orm iad do chongbháil ó chéile, níor mheasa ciapálaidhe aca ná an ciapálaidhe eile ag cur achrainn ar a chéile: lucht bruighne: daoine ceanndáine ciotarúnta ná héisteóchadh lé héifeacht. Níl de mhaitheas ann sa Dáil ach bheith 'n-a chiapálaidhe ag giobadh 'sag fagháil locht: duine crosaigeanta.

ciapálaim: *b.a. 7 n-a.* crádhaim, goirighim. Ciapálta ó mhaidean seadh táim ag an bpeann so ná ritheann 'n-a cheart: cráidhte. Ciapálfaidh do chlann do chroidhe ionat mara gcuirir smacht ortha: cuirfid buaidhreamh ort lé n-a n-aimhleas. Ciapálfaidh sibh lé chéile anois gan aon adhbhar go dtí go ndéanfaidh sibh daoine bochta dá chéile: bruigheanfaidh sibh. Ciapalfad leis an saoghal, is cuma liom cá minic theipfead, go dtí go n-eireóchaidh liom: bead ag dréim leis, ag coimheascar leis.

ciapthach: (**ciapuightheach**) *a.* cráidhteach, aingciseach, clipighthe. Duine ciapthach seadh é go dtuirseófá go luath dhe, an chainnt chéadna san bhriolla-bhrealla chéadna ar síorshiubhal aige: duine ná réidhteóchadh t'aigne leis i dtaobh aitis nó síoraithrise. Ceist chiapthach ag lucht cuardaigh seadh teacht agus imtheacht na taoide, ní bhfaghaid aon fhreagra sásamhach: ceist a chlipeas an inchinn aca. Is andheacair bruic uaireannta leis, bíonn sé róchiapthach, fiosrach i dtaobh nidhthe ná baineann in ao'chor leis: ag cur buaidhrimh.

ciapuighthe: *a.r.* cráidhte, cráidhteach, buadhartha, fearguighthe. Táim giobaighthe, ciopuighthe, cráidhte im shaoghal: tuirseach de bheith ag fulng. Cad é an rud is ciapuighthe ar dhuine na corr i mbróig cumhaing lá te? is mó chuirfeadh dubháilceas agus míoghnaoi ort leis an saoghal mór. Is ciapuighthe an croidhe a bhí ag Sasana an lá d'fhág sí forlámhas ag an Iodáil sa Mhuir dTrian: clipighthe, cráidhte, dochmach, droichmhianaigh. An sionnach atá in uachais annsan tá sé fiadhachta deich n-uaire gen gconairt i rith an gheimhridh, ní haon iongadh liom na fiagaidhthe bheith ciapuighthe aige agus eisean aca-san: tuirseach cráidhte dá chéile.

ciar: *a.* dubhdonn, dubh, coirtighthe riabhach. Éan ciar ar fad seadh an londubh: andhubh. Tá folt a cinn chómh ciar le tóin an chorcáin: dath dubh tóna an chorcáin air. Fuair sé an oiread san búrdála go raibh a dhá shúil chómh ciardhubh le gual: dubh ar fad. Dath ciardhonn a bhíos ar chnódh. Dhéanfá croidhe aonne ciar bheith ag éisteacht leat ag síorchrónán: chrádhfá é.

ciaradh: *f.* (*-rtha*) do dhéanamh dubh, do dhoirchiughadh, do theimhealughadh. Na bróga ruadha a ghoid sé thug sé iarracht ar iad do chiaradh, ach d'fhan paistidhe ionta: ar iad do dhéanamh lé sméara nó oíle. Thosnuigh an tráthnóna ar chiaradh laistiar, tulcaidhe móra troma ag baint na gréine dhíom: ar dhubhachtaint. Ní fheaca na Scealga um thráthnóna, bhí scamaill throma ghá gciarardh ar mo radharc: ghá ndoirchiughadh, scáthadh, bhfolach.

ciaráil: *b.3.* troid, bruighean, achrann, caismirt, imreasán. Seachain ciaráil ar eagla do ghoirtighthe, má ghlacair cómhairle amadáin: achrann. Ciaráil chómharsan í sin, ní fiú biorán agus í, déanfaidh síothcháin: constrabháil gan puinn díobhála idir dhaoinibh muinnteardha. "Socruightear eadraibh an chiaráil atá eadraibh i dtaobh sealbhaidheachta an oileáin", ars an fear nár theastuigh uaidh bheith 'n-a theasardhaidhe: an míréidhteach. Cé go mbeadh foidhne aige lé fear ciarála? fear go mbíonn fonn air bheith in achrann nó i ngleódh éigin de ghnáth.

ciarálach: *a.* ceanndáine, deiliúsach, clóchaiseach, fiar, claon, saobh, canncarach, malluighthe. B'fhearr liom gan bheith 'n-a chuideachtain in ao'chor, duine ciarálach, gan aon tsuaimhneas do féin ná d'aonne eile dob eadh é: féicheamhanta chun achrainn. Níor bh'iongadh a dtionnscal do thuiteam ar lár, mar, go luath i dtosach an tslóghaidh, chrom na hoifigidhe ar bheith ciarálach eadartha féin, gur éirigh na fir tuirseach díobh: trodach, easaonta. Aigne chiarálach atá aige gurb é a inntin bheith ag déanamh moille de gach nidh chuireann an chómhairle rómpa do dhéanamh dos na daoinibh: aigne fhiar, chorr, chlaon ná teastuigheann uaithe teacht lé neach eile. Mara mbeadh tú bheith ciarálach, ait, ní bheadh gach aonne id cheanntar id choinnibh: fiar, claon, corr: gan bheith ar nós na coitchiantachta. Daoine ciarálacha muinntir an bhaile sin bíd an uile lá cúirte i gcaibideal le chéile: daoine corra: daoine ná réidhtigheann. Réidhtighim leis gach aonne, duine neamhchiarálach me: réidh, macánta.

ciara-má-boc: *f.1.* éirghe anáirde a's gleódh, iomchar scléipeamhail. Rinne na hógánaigh ciara-má-boc nuair fuaireadar an tigh fútha féin chun rinnce: rángcás: leimneach a's gleódh. A luaithe agus d'fhág an máighistir an scoil siúd an ciara-má-boc ar siubhal, slinnte dhá bhriseadh cnagarnach dhá bhaint as chrinlínidhibh, leabhartha dhá chaitheamh a's béiceach a's léimeach (léimneach): rángacas gan chosc. Ar na bainistidhibh bhíodh an ciara-má-boc le linn m'óige – Seáinín an Chnagaire a's Raidhrí Ó Cinneide agus a thuilleadh ag seimint, an sluagh ag rinnce, Peig Eoghainín a's daoine nách í ag amhrán: an seódh, an greann 'san t-éirghe croidhe. ('ciarla-má-boc' adeirtear sa Dún so agus thart tímcheall).

ciaróg: *b.2.* feithide beag dubh go mbíonn sciatháin adharcacha tosaigh air: is iomdha saghas díobh ann. "Aithnigheann ciaróg ciaróg eile" (seanfhocal): "is báidheamhail iad

lucht aonchéirde": "cómhcruinnighid éanlaithe an aonchleite": buaileann gach aonne lé n-a chlódh féin: gach aicme a's saghas is gnáthaighe gur i bhfochair a chéile gheibhtear iad. Níl toirt ciaróige innte mar bhoin: bó anbheag. Tá dath na ciaróige air tréis a bhreóidhteachta: cuma dhubh neamhfholamhail chaithte le hiomad d'fhulang. Níl meas na ciaróige fém chois air: oiread measa agus bheadh agat ar chiaróig do brughfá féd shatailt.

ciarraigheach: *f.1.* fear nó bean ó Chiarraighe. "An Ciarraigheach malluighthe" ainm amhráin. "Muinntir Chiarraighe ag fiafraighe a chéile" (seanrádh): iad bheith anghrádhach le chéile: leanamhnach.

ciarsa: *f.4.* soitheach dachad galún nó mar sin. Bhíodh na fir ghorma ag faire an chósta go dian ach is iomdha ciarsa fíona do fuairtheas a's do foluigheadh dá n'aindeóin: soithighe fíona.

ciarsán: *f.* glór, bús, dórdán: cnáimhseáil, cníopaireacht. B'ait liom an ciarsán a bhí im cheann mar bheadh crónán beach, agus chuadhas go dtí an dochtúir leis: bús, glór íseal cómhshnáthach gan tuiteam ná éirghe. Chuala an ciarsán sa chlaidhe agus d'aithnigheas láithreach gur pruaisneóg bheach fiadhain a bhí ann: glór cómhnaidhtheach íseal dórdánach. Ciarsán na gile gréine atá ortha sa Dún so an uimhir seo a luighead mírdhéirce atá aca dá fhagháil: cnáimhseán iad ghá chur in iúil ná fuilid sásta agus go bhfuil a chúis aca. Is ag na hiascairidhibh atá an chúis chiarsáin trollairidhe thar lear ag fuadach a gcuid éisc uatha i mbéal an dorais aca: cúis cháisimh: cúis ghearáin mar tá éagcóir dhá dhéanamh ortha.

ciarsánach: *a.* dórdán: cnáimhseáil: dórdánach, cnáimhseálach, gearanach. Tá mo scórnach anchiarsánach fós ón slaghdán: glór aice ná labhraim go soiléir. An lá bhíonn na beacha ciarsánach bíonn fáth éigin leis: an lá go mbíonn fuaim agus dul tré chéile tar ghnáth aca. Ní gábhadh dhuit bheith chómh ciarsánach níl cion fir caithte agat: gearánach, go sprionnlaithe.

ciarthacht: *b.3.* doircheacht, duibheacht. Ní fheicfeá tada ar tóin an uisce lé n-a chiarthacht: duibheacht; ceal gléine. Chuir an tuile ciarthacht san uisce nár mhaith leat é d'ól: doircheacht shalach.

ciarthuilte: *a.* ar snámh le huisce donn (uisce tuile). Oidhche dílean dob eadh í, tá a rian air, tá na réidhte go léir ciarthuilte: dubh-dhonn agus an t-uisce scéidhte i ngach áit. Deireadh mo shean-athair gur chuimhin leis gach aon áit bheith ciarthuilte an lá dhuibh na prátaidhe le huiscidhibh na gcnoc a's na sléibhte: dath donn tagtha ar na huiscidhibh ós na portaidhthibh.

cibé: *forainm neimchinnte* pé duine. Cibé fear a bhí ann labhradh sé: péaca dá bhfuil láithreach. Cibé a bhí ann agus a dhein an choir ní bhfuairtheas amach riamh é: aon duine in ao'chor. Brathaim fé chomaoin ag cibé (duine) a fhoillsigheas mo lochta dhom: cách: aon duine in ao'chor. Cibé agaibh gur mhaith leis bheith toilteanach le dul 'on

chonntabhairt: aonne agaibh. Cibé againn dob fhearr dubhairt an gaiscidheach leis seasamh ’n-a láthair agus cath do thabhairt do: péaca againn.

cibleachán: *f.1.* bóithreán: fear go mbeadh bótharghal ann: duine aindeis ar a chosaibh. Fág as an slighe uaim, a chibleacháin, a’s ná bím ag féachaint ort: a aindeiseóir. Ní phósfadh sí é toisc é bheith ’n-a chibleachán, bhí eagla uirthe go mbeadh na daoine ghá chasadh leis: ná raibh cosa córacha fé.

cíchín: *f.1.* cíoch beag mar bhíonn ar leanbh nó ar fhear.

cigil: *b.2.* teangbháil go héadtrom leis an gcolain go mórmhór fés na hosclaibh nó buinn na gcos go dtugann teadhal ait a chuireas an duine chun gáiridhe agus má leantar rófhada air a chuireas taod, iomarraing ná freangaidhe ar an nduine. Ar thuiteam dá chodladh don seanduine chuirimís cigilis ar bhonnaidheachaibh a chos le cleite a’s dhúisigheadh sé: teidheal ná féadfadh sé d’fhulang, gidh ná goirtigheadh sé é. Ná cuir cigil orm nó béicfead: teidheal a chuirfeadh ag gáiridhe me. Lé tuirse bhíos ag drúntáil chodlata agus chuireadh na cladhairidhe buachaillidhe cigil orm treasna mo bhéil uachtaraigh lé sop tuighe: motháilt ghriofadach.

cigileach: *a.* braithteach fé chimilt éadtrom. Is cigilighe go mór buinn mo chos ’ná aon phioc eile díom: is fuda na féithleóga do chur ar chorraighe. Ní fhéadfá baint leis, tá sé chómh cigileach san: anfhuraiste na feithleóga aige do chur ar corruighe.

cigilt: *b.3.* (*-gealtha*) an bheart: an rud féin. Ná bí ghom chigilt, nó ní fhéadfadh fanacht socair: na bí ghom chimilt go héadtrom i slighe chuireann i bhfreangaidhibh me. Níl aon chigilt ionat: níl an mhotháilt ionat a bheireas duit léimeadh nó gáire ar tu do chimilt go héadtrom.

cigire: *f.1.* scrúduightheóir, duine a infhiúchas rudaidhe a bhíos fé n-a chúram. Cigire scol, cigire seantáillidhe: cigire oibre.

cigireacht: *b.3.* scrúduightheóireacht, infhiúchadh, feicheamhóireacht. I gCorcaigh thoir bhíonn cigireacht dhá dhéanamh aige, ar na bunscoileannaibh: is ann bhíonn ghá scrúdughadh go mbeadh a gcuid oibre dhá dhéanamh mar tá beartuighthe dhóibh ag an lucht ceannais. Thug sé dhá uair fén gcigireacht sar ar éirigh leis a fagháil: beart na cigireachta: a ghnóth.

ciglim: *b.a.* cuirim ciglis air. Cigil na cosa aige a’s dúiseóchaidh sé: cimil go héadtrom agus mothóchaidh siansán a chuireas ar corruighe é.

ciglis: *b.2.* siansán éadtrom i mballaibh áirighthe a bhaineas freangaidhe beaga as na féithleógaibh agus chuireas duine i dtrithidhibh nó i dtaod. Cuirfeadsa ciglis ort: cuirfead ag léimrigh thu. Chuir an tigh (chostas a thógtha) ciglis air, d’éistigh sé mórchuid airgid: bhraith sé go mór an costas. Fan amach ón ineall san nó cuirfidh sé ciglis ort: beir ag baint leis go dtí go ngoirtighidh sé thu. Sin í an chiglis anois, cá bhfagham an t-airgead chun dul go hÁth Cliath: an fhadhb.

cile: *f.4.* an t-adhmad nó an t-iarann is tábhachtaighe i mbád nó i luing, an t-íochtar ó shnaidhmin go fósta – ó thosach deireadh, cnámh droma lom ainmhidhe. Níl an long (bád) san ar a cile: tá leathcheann uirthe, níl sí n-a suidhe 'n-a ceart. Cad air go dtugair beithidheach cothuighthe? an bhfeiceann tú an cile atá uirthe? an cnámh droma a's gan feóil tímcheall air. Coinínidhe seirgthe, básuighthe go bhfuil cile ortha a ghearrfadh tobac seadh iad: an cnámh droma anlom, anghéar.

ciléir: *f.3.* (-léara; *iol.* –éiridhe) árus cruinn adhmaid, éadoimhin bainne do chongbháil chun uachtair do theacht air: is iomdha áis a baintear as. [Is cuimhin liom im óige go dtéidhtí ag triall ar fhraoch nó chraoibh cnuic chun a scriosta laistigh ó rian an bhainne nuair bítí ghá scóladh le huisce te agus thugadh san boladh cumhra ortha gur bh'fheárrde an t-ím é]. Budh mhór a's budh bhreágh iad a cuid ciléiridhe: bean ghlan, ghasta tímcheall ime do dhéanamh. Caith ciléir prátaidhe a's mine chun na muc: a lán de mheascán bídh.

cíle-má-guairle: *f.4.* rangcás, gleódh a's dul tré chéile: torann ráig. A Mhuire! an cíle-má-guairle bhíodh againn ar scoil nuair ná bíodh an máighistir linn; ní chloisfeá focal ach gleódh a's béiceach: glór mearbhallach. Is marbh an oidhche againn í, cuirimís cíle-má-guairle éigin ar bun a spriogfaidh sinn: rangcás. Nuair ghaibhinn thar an scoil is minic do stadainn ag éisteacht leis an ngleódh, chuireadh sé i gcuimhne dhom an cíle (círle)-má-guairle céadna bhíodh againn féin. Thagadh miongháire orm a's buailinn liom: an gleódh scléipeach nuair bhíodh cao ann. Dhearbhóchadh sí dhuit go dtín lá atá indiu ann go gcualaidh sí an círle-má-guairle istigh sa lios a's í ag gabháil thart: glisiam a's torann ná féadfadh sí do dhéanamh amach cad é (dar léi gur ghleódh a's rangcás sidhe é).

cill: *b.2.* tigh eaglaise, roilig, áit adhlactha; tigh nó bothán beag, clós beag. Mo chorp dá dtéidheadh san gcill/ ag caoineadh mo cinn ní bheadh na mná: dá n-adhlactaidhe me: dá gcuirtí san úir me. Cad é do dheabhadh is iomdha lá chaithfeam ar thaobh na cille? na roilige. Mo ghradhain é, ní ag tabhairt aon bhreithe air é is fada ó chuir sé suim i gcill ná i gclog: go raibh aon éileamh mór ar dhul chun eaglaise.

cillín: *b.4.* ceall (cill) bheag, eaglais bheag, roilig bheag ar leithrigh do leanbhaidhibh gan baiste: múirle mór airgid: ciste, cuid mhór airgid. Fuair sé cillín (airgid) leis an mnaoi atá aige: spré mhór. Chaill sé cillín lé cúis dlighe a bhí aige: sparán airgid.

cillíneach: *b.2.* roilig do leanbhaidhibh gan baisteadh; ceallabhrach.

cime: *f.4.* bráighe, príosúnach; duine i ngábhadh. Ní rabhas im chime riamh gur bhriseas mo chos: ar nós bráighe ná beadh cead corruighthe aige. Bhíos-sa an bhliadhain chéadna im chime ar Churrach Chille Dara: im bráighe: i ngabhann. Caithtí sa tsúil air gur deineadh cime dhe a's é ag folach fén leabaidh: go rug a namhaid air mar sin. B'fhada Ó Donnabháin Rosa 'n-a chime ar shlabhra ag Sasana: in a bhráighe gan cead corruighthe aige. Mise im chime dá grádh a's ise ag caitheamh gach léim ar luas: i ngrádh chómh trom san ná féadfainn me féin d'fhuascailt agus ise ag fonmhóid fúm. Níl ann ach cime

beag, gránda salach ná feicfeadh, a chroidhe dá mbeadh sé ar a bhais aige: anchúinse bheag sprionnlóra táir truaigh.

cimeachas: *f.* braighdeanas, daoirse, bruid, geimheal, géibheann, airc. Rugadh tar lear go hAstráile é i gcimeachas mar ar theich sé as go saoirse tréis deich mbliadhanaibh: i ndaoirse, i gcoimeád, gan cead a chos ná a chinn aige. Nuair shéideann na gaotha geimhridh is mar a chéile bheith i gcimeachas agus bheith ar an oileán san mar bítear síonteanntuighthe ann: i mbraighdeanas fé smacht. Níor lé méid do chimeachais ná go dtiocfá ag cabhradh linn agus tusa chómh breacdhíomhaoin agus sinne chómh leathlámhach: bruid: géibheann.

cimiar: *b.5.* máchail bhuan, luifín, iarlais, iomard. Fágfaidh an t-olachán cimiar ar do phóca agus ar do shláinte: fágfaidh sé bocht tu agus déanfaidh easláinteach thu. Is í an drochoidhche ar an bhfarraige ná beadh i bhfad ag fágaint cimiarach ort: rian ort: a bhádhfadh thu. Chuir an cogadh mór cimiar ar chómhachtaibh an domhain ná tiocfaid uaidh go ceann tamaill: rian díobhálach: iomard a leanfas iad. Chuaidh scolb cruaidhe fé n-a shúil, chaill sé í, tá cimiar lé n-a shaoghal air: iomard, máchail olc, rian suthain. Cimiar dhom seadh bheith d'iarraidh tú chothughadh a's gna aon déanamh ionat: ualach trom. Rug an madra ar cholpa orm agus d'fhág cimiar orm, tá mannta amach as: máchail. Cimiar seadh seanbhean bhreóidhte i dtigh: iarlais. Cad chuir an chimiar ar do chorrán? rian chloidhimh é sin: créacht cloidhimh.

cimighim: *b.a.* cuirim i gcarcar, i mbraighdeanas, i ngéibhinn. "Cimeófar annso", ar seisean go dtí go sighinír an leachtán so ná troidfir in aghaidh an Riaghaltais. "Cimightear", arsa mise: congbhófar gan luadar gluaiste do bheith agat. Cimigheann na Cómhachta Móra na cineadhacha beaga i gcómhnaidhe dá mhéid gleóidh a bhíos aca ar a son: cuirid fé 'n-a smacht iad gan aon ghéilleadh dá mianaibh.

cimileáil: *b.3.* cimilt láidir; tuargaint; droichíde; teilgean. Fuair an nadhbhóg oiread san cimileála sa chladach nár bh'fhéidir a socrughadh as san amach: suathadh agus teilgean gur briseadh í. Fuaireas cimileáil an anama istigh a lár an bhrughtaim agus fothlascadh leis: tuargaint sall 'sanall: brughadh, sádhadh agus tarng. Cad é an chimileáil atá agat leis an bhfeóil ach í d'itheadh, á hiompódh a's ghá haithiompódh. Thugadar cimileáil an diaill don dtigh ag lorg leachtán ceannairce: mionchuardach gan aire do thabhairt d'aon rud go dtángadar treasna air. Cad é an chimileáil atá agat leis na cártaidhibh ach ceann aca do chaitheamh amach agus ceann aca do choimeád: cur tré chéile, scríobhadh a's teangbháil. Chuir an chimileáil oibre do dhéinir ag aiseag me, níl tóin ná ceann ort: obair gan slacht. Ní dhéanfadh an chimileáil sin an gnóth choidhche, caithfir guth do chur ort féin chun oibre: útamáil. Go deimhin is galánta an chuma atá tugtha agat ar na leabharthaibh léd chuid cimileála: láimhseáil neamhaireach. "An mbír ag obair ar do leabhar an aimsir seo?" – "ag cimileáil": ag baint leis, agus sin a mbíonn ann. Ag an aos ní dhéineann sé ach cimileáil: obair anéadtrom. Níl aon chúis ghearáin agatsa, déarfainn rud éigin dá bhfaghthá oiread cimileála liomsa, d'iarraidh suidheacháin do shroichstint: oiread caithimh sall agus anall: oiread túrnála. An iomad cimileála do lait an t-ineall, gach aonne ag déanamh ruda éigin leis: an iomad láimhseála: suathadh. "Ní theastuigheann aon phioc

ded chuid cimileála uaim", ars an cailín leis an mbuachaill agus fearg uirthe: tuanáiste, láimhseáil thútach: ladhráil ar a ballaibh ná taithnigheann léi.

cimileálaidhe: *f.4.* duine a bhíos ag útamáil nó ag teangbháil lé rud go tuathalach nó go neamhfheidhmeamhail. Níl ionat tímcheall gnótha tighe ach cimileálaidhe, féach na fuinneóga lán de smúit, na sráideóga gan bualadh, na háraistighe gan nighe: oibridhe manaoiseach. Ní shaothróchadh an cimileálaidhe gort arbhair go ceann bliadhna: duine gan feidhm 'n-a iarrachtaidhibh. Luathuigh, a chimileálaidhe, ní bheidh an leitir scríobhtha go hoidhche agat: a dhuine mhaill. Cimileálaidhthe ag gabháil d'iasc dá leasughadh dob eadh iad, go ndeaghadar 'n-a thaithighe: oibridhthe malla, tuathalacha. Thug an cimileálaidhe an tráthnóna ar fad d'iarraidh na ceiste do réidhteach ag dul amugha san achrann: aindeiseóir. Féach an íde atá ar do chuid éadaigh, nách tú an cimileálaidhe: duine a bhíos ag bualadh i gcoinnibh rudaidhe a's ag tógaint shalachair.

cimileálaim: *b.a.* buailim i gcoinnibh, scríobhaim de. Tá mo phóca cimileálta go maith anois agaibh: útamálta, cuarduighthe, a raibh ann caithte oraibh. Cimileáil an t-éadach den gclár dubh a's glan: tairng ar a uachtar é. Ná cimileáil mé led lámhaibh salacha: ná scríob díom iad. Beir ag gabháil den bpláta anois go gcimileálfair é: go gcríochnóchair leat a bhfuil air. Tá a raibh de bhiadh ar an mbórd cimileálta ag an airceachán: sloigthe, ídighthe ag an rud ocrach. Chimileálfadh sé siúd idir a dhá láimh thu, a spreasáin: d'iompóchadh sé ar a thoil tu síos tsuas go ndéanfadh cnapán díot.

cimilim: *b.a.* ₇ *n-a.* gabhaim ar uachtar an chneasa go gcuirim griofadach ann: teangbhálaim aon dá rud ar a chéile sall agus anall: buailim le (ar): lomaim: bréagaim: slíogaim: tuargaim. Cimil do bhas den mhadra a's ní bhéarfaidh sé ort: gluais do bhas de go ceanamhail. Ná cimil díom ar do bhás! ná teangbhaidh liom: ná buail liom. Ná cimil leis an bhfalla nó raghaidh an t-aol ar do chuid éadaigh: ná buail 'n-a choinnibh. Cimil an scuab san de dhrom mo chasóige: gluais ar uachtar na casóige í chun na smúite do mhúscailt aiste. Cimil an ola so fén gcneadh ghránda san agus cneasóchaidh sí: leath go réidh socair í. Má chimileann bóna do chasóige den nioscóid sin ar do mhuineál tabharfaidh sí ceól duit: má ghluaiseann an bóna sall agus anall dá druim. Cimil an sméara san tríot isteach ar na dathachaibh: gluais é sall agus anall ar bhall áirighthe. Ná cimil do mhéar díom: ná buail barra méire orm: ná teangbhaidh liom: ná déin an teangbháil is lugha liom: ná tair in aon ghiorracht dom. Cimilidh dá chéile: bídh báidheamhail lé chéile. Cimileóchaid sinn dá chéile fós dá mhéid tuiteam amach eatartha: tiocfaid isteach lé chéile: beid muinnteardha. Sid é chimil sop a's uisce ar fad de, an báille do thógaint a chuid eallaigh: chuir deireadh leis: do scrios é (is ó ghlanadh na gcíléiridhe leis an uisce te agus an sop craoibhe do tógadh an aillbhreith seo is dócha). Lucht fiach agus an tighearna talmhan, chimileadar sop a's uisce dhe: níor fhágadar lighe na léithe aige: scriosadar amach é. Dá gcimileófá a bhfuil de mhil i gCúigeadh Mumhan fé ní dhéanfadh sé muinnteardhas leat: dá mbeidhthéa d'iarraidh é do mhealladh agus do bhréagadh chómh maith agus d'fhéadfá b'é an dá mhar a chéile dhuit é. Cimil fé, is linn é: bí ag bladar leis a's ghá phlámás, ag cluainireacht leis: ag mealltóireacht air agus beidh sé ar ár dtoil againn. Cimil an speal den ngort san: bain an féar etc. dhe. Cimil an speal (an rásúr) díot féin: bearraidh do chuid féasóige. Cimil an scian san den gcloich (fhaobhair): cuir faobhar uirthe. Bhíomair ar aon traen leó ach ó dhul teacht níor

chimileadar linn: níor bhaineadar linn: níor dheineadar conbharsáid linn. Ná cimil le rásúir: ná bí ag déanamh aon tsúgraidh léi: seachain tú féin uirthe. Cimileann sé i gcómhnaidhe leis an ól: bíonn sé ag gabháil de.

cimilt: *b.3.* (*-mealtha*) slíogadh: teangbháil éadtrom, réidh: baint: siabhaim, bréagaim: meallaim: bláthuighim. Fuair sé cimilt an mháilín ó bheirt nó triúr aca ag gabháil air le dóirnibh: suathadh: búrdáil: suathadh mar gheibheann máilín guirm idir na basaibh. Tugaimís cimilt an mháilín do: beirimís air, suadhaimís é: túarnálaimís é: casaimís, caithimís, tairngighimís é. Ná tabhair tor madra air, ag cimilt a bhaise dhíot atá sé nuair tá sé ghod mholadh: ag plámás leat a's ghod mhealladh. "Féach, ní bheinnse ag cimilt bhaise dhíot ag déanamh teidhmint ort", ars an fear míofhoighdeach, ach tú do thógaint lé dóiricín fén gcorrán: d'iarraidh tú shásamh ar gach cuma ach tu do bhualadh. Bíonn sé ghá chimilt féin díom i ngach áit dá bhfeiceann sé me; ní maith liom é: ag déanamh plámáis liom: me do bhréagadh lé moladh: mé do shásamh lé hómós táir: mé do mholadh go bréagach. Duine táir gur mhian leis riamh bheith ghá chimilt féin leis an uaisle: ag dul ar a ghlúinibh chun daoine móra, mar is dóigh leis. Theangbhaidh an chimilt leis an ól do, do nimhigh sé a chuid fola leis: an tsíorbhlaistínteacht leis. Níor mhaith dhuit cimilt leis indiu, tá spuaic air: baint do bheith agat leis. "Cómhairle do thabhairt do mhnaoi bhuirb nó cimilt ruibe d'iarann fhuar": ag teangbháil nó ag bualadh an ruibe air sall agus anall. D'imthigh an screabh de ghirb mo mhuiníl lé cimilt an bhóna: an bóna bheith ag bualadh air sall is anall go minic. "Sé a raibh de chimilt riamh agam leis an bhfear marbh", ars an fíné, "gur bheannuigheas ar an sráid leis, sin uile": de bhaint, de chonbharsáid, de shuas ná anuas. Thugamair cimilt mhaith don méid oibre do cuireadh orainn, is beag atá 'n-ár ndiaidh: rinneamair cuid mhaith dhi. Tabhair cimilt mhaith dhuit féin i gcóir na céilidhe: glan agus giob tu féin. Ní cimilt go dtí é fuair an bórd: scriosadh agus glanadh. Bíonn sé ag cimilt a leidhbe des gach aonne, an spreallaire: ag slíogadh gach aonne: ag tabhairt urrama táire dhóibh. Ag cimilt an tsalachair do bítear díot gach aon lá téidhir in aice an óil: bír ar meisce. Ag cimilt na galbhanaighe dem chorrán: ghá gluaiseacht sall 'sanall a's ghá cur tríom isteach. Is maith do raghadh cimilt ghalbhanaighe den aghaidh shalaigh sin agat: cur galbhanaighe fút. Níl ann ach cimilt mhéire de chloich bheith ghá chómhairleach: ní ghoilleann gluaiseacht na méire ar an gcloich, an chuma chéadna ag an nduine míochomhairligh. Caitheann an tsíorchimilt an chloch: an rud go mbítear ag baint leis gan stad luigheaduigheann sé leis an aimsir. Ná bí ag cimilt fúmsa, ní h-aon mhaith dhuit bheith ag déanamh muinnteardhais liom: ag déanamh plámáis liom. 'ghá chimilt féin tríom isteach go dtabharfainn rud éigin a bhí uaidh: ag déanamh muinnteardhais agus cluainireachta liom go mbeinn buidheach de. D'aon chimilt scrios sé ó bhun a chluaise go corrán: aon iarracht amháin leis an rásúir. An chimilt do thugamair dóibh in eadarnáil an mháma nuair do marbhuigheadh fiche duine aca gan oiread mágáine do thárlachtaint d'aonne againne do scannruigh ar fadiad: suathadh teangbhála: an chiarláil do fuaireadar uainn. Dá mbeadh cimilt eile fachta aige b'fhéidir go bhfanfadh sé socair: teangbháil leis go neamhshocair. Tabharfaidh na báillidhe cimilt eile air le cáin an teachta isteach: tabharfaid cuaird air agus árdóchaidh uaidh a chuid, má tá faic aige. É do chimilt lé mil, an buidheachas céadna do bheadh aige ort: dá fheabhas bheidhfeá dho ní bheadh aon deaghthoil aige dhuit. Caithfir barra cimealtha d'fhagháil chun an púinte do ghearradh den dtairnge: úirlis iarainn nó cruaidhe go mbaintear áis aiste chun dlúthas mar miotal,

adhmad etc. do shnoigheadh. Leis an mbarra cimealtha caoluightear tairngidhe etc. baineann an gabha an scughadh de chrúib an chapaill roim chur na cruadha uirthe.

cineachadh: *f.* (*-chta*) rath fáis. Cuireann an ghaoth andeas cineachadh ar gach aon bharra san Earrach: cuireann fás maith fútha. Sin talamh atá ag cineachadh go maith: ag eascar: pé toradh atá ann tá ag éirghe leis go maith ar fad. Tá sé ag fanacht an-mheathaluighthe, níl aon chineachadh fé: fás.

cineadh: *f.* (-nidh) *& b.* (*iol.* –nidheacha, -neacha) treabh, ainm treibhe, sloinne, sliocht, glúin, bunadh, fine. "Caomhánach tusa, Caomhánach mise", an chineadh chéadna atá orainn: an tsloinne nó an ainm treibhe céadna. "Cad é an chineadh atá ort, a gharsúin?" – "Ó Murchadha". Cuireadh céad míle fáilte roimis, a ainm 'sa chineadh – "Dé bheatha-sa a Sheáin Uí Shúilleabháin": a shloinne: an ainm fine gur dhíobh é. Ar cineadhachaibh seanda na hÉireann tá na Caomhánaigh: seantreabhachaistidhe. Nuair bhíonn buailimsciath ag maoidheamh as a fheabhas d'fhear béiceann sé ar dhuine éigin - níl aon fhear do chineadh ná go ngeóbhainn de chosaibh ann: ar an sloinne sin. De chineadh mhín mhacánta seadh thu ar an méid coidrimh atá agamsa ortha: bainir lé treibh mhaith. D'fhuascail ár Slánuightheóir an chineadh daonna lé n-a bhás ar chrann na croise: ar mhair a's a mairfidh ar dhruim an domhain ó thúis go deireadh. Ó Donnchadha an chineadh gur díobh mise: sin í ainm m'fhine. Is baoghalach ná beidh aon chineadh ortha, táid pósta le fada a's gan aon chlann aca: sliocht. Ní leigfinn ar lár mo chineadh d'aonne: d'eireóchainn as mo mhuinntir. B'ait an chineadh iad uile go léir, dorcha, neamhchainnteach: an treabh dhaoine. Ciorrbhadh cinidh oraibh! go bhfaghaidh bhur sloinne bás. Flúirsiughadh cinidh oraibh! go raibh rath clainne oraibh. Mo chineadh choidhche! mo chineadh abú! seasóchad choidhche ar son mo chinidh. Tugadh ainm cúl-lé-cineadh air: ainm bhaistighe nár ghnáthach do bheith ar an dtreibh. Piseóga ameasc daoine seadh ainm cuir i gcás Seósaimh nár chuimhin lé neach a bheadh suas do thabhairt ar bhunóic dá mbudh rud ná maireadh an chlann mhac go mbíonn na gnáthainmeacha ortha. San ósdlann shéan sé a chineadh: thug sé sloinne eile air féin.

cineál: *f.1.* saghas, ionnas, gné: aos, dream, lucht: glúin, treabh, muinntir, fine: cion, ceannúireacht, grádhmhaireacht, sochroidheacht, ceanamhlacht, ceannsacht, míonlacht, miochaire, dual, dúthchas, aicneadh. Tógadh éan amach as an gcurpad ní fheadar cad é an cineál é ach itheadh é: an saghas, sicín, lacha etc. Fásann mórán cineál fraoich ar Cheann Sraithe, fraoch na gclog, fraoch bán etc. Rugadh ar chineál éigin éisc nár fionnadh cad é, a lithéid ní raibh ar eolas cheana: saghas éagsamhail. Sin eibhear agus gráinne agus cineál éigin eile – cad é? – sa gcloich chéadna: gné éigin mianaigh. Cad é an cineál daoine gur díobh thu? cad é an chineadh nó treabh? Cad é an cineál daoine a tháinig ar an bhfléige anois? aos, lucht ceóil iad san. Rúndacht seadh é an cineál daoine a bhí in iarthar Chiarraighe lé linn na bpúicínidhe a's na gcloch n-ogham: an ghné daoine, a méid, a ndath, a nósa, a n-ionnasa etc. Tháinig cineál rómhainne gur bheag é a dtaithighe ar shoghlaistidhibh, ach ar an mbiadh garbh fholláin réadhchúiseach: treabh go raibh mianach fé leith ionta. Cad é an cineál lae é seo? an saghas. Is ait liom mar chineál fir thu: mar ghnidhir, mar iomcharair tú féin. Cad é an cineál buinn é sin? ní scilling é, ní réal é, cad é? Bhraitheas níos misneamhla nuair cuireadh me ameasc mo chineáil féin ag troid: ameasc muinntire mo dhúthaighe. Ní misde a rádh ná go bhfuaireas cineál uatha

faid bhíos ar cuaird aca, níor locadh faic orm: deineadh gníomhartha dhom a fhoillsigh a bhfeabhas agus a bhflaitheamhlacht. Foillsigh breis chineáil do agus b'fhéidir ná beadh sé chómh malluighthe, tabhair fothchnámh do a's na bí ghá lascáil: ceanúireacht, gníomh deaghthola agus maitheasa. Níl aon chineál aice dhom: grádh, cion. Cineál budh mhó ná é ní fheaca riamh agus mar thugadh an bhanaltra chéadna do gach duine éiglidhe, gach am den oidhche ag fritheáilt ar gach gearán: fritheáilt deaghaigeanta. Bíodh cineál ionat a's fairsingigh do lámh leis an gcarthain: bíodh sochroidheacht ionat a's an rud go bhfuil cumas agat air scaoil go dtís na daoinibh é go bhfuil ceal ortha. Fear go bhfuil cineál ann seadh é, ní deacair leis muinnteardhas do dhéanamh: buige chroidhe a's sochmacht: is é mianach é bheith lághach síothach. Thabharfadh an bhó breis bhainne dá bhfaigheadh sí cineál: breis dhúthrachtais: breis bhídh do thabhairt di. Dá bhfaghadh an capall cineál dhéanfadh sé breis oibre: a thuilleadh bídh agus aire. D'aithnigheas ar an tslighe do shiubhaluigh sé go raibh an cineál ceart sa chapall: an mianach ceart. B'é a chineál bheith droichmhiantamhail, gach nduine roimis bhíodar mar é: a dhúthchas, a dhual. B'fhuraist aithint go dtabharfadh sé seasamh maith uaidh, do bhí cineál an mhisnigh a's na troda 'n-a threibh riamh: féith, dúthchas, fuil, mianach. Fear seadh é go bhfuil cineál mear ann, éirigheann chun stráin ar a luighead cúise: braon aibidh: is dual do bheith teasaidhe. Tá cineál t'athar ionat: an mianach céadna: téidhir let athair. Ceoltóir maith seadh é, bhí cineál an cheóil ionta go léir: an mianach: an tsíog: an fhéith. Talamh cineál fuar seadh é chun cruithneachta do shaothrughadh: beagán fuar. Níl aon chineál maith ná go bhfuil fé chneas ár gcarad: gach tréith is fearr ná a chéile. Mo thuairm go mbeidh sé ag cineál leat ó tá an mhaith ar do láimh: go mbeidh sé ag déanamh muinnteardhais leat ós féidir leat rud do dhéanamh go bhfuil súil le cion de aige. Sé iarsma a chineáil é: is é an t-aon duine ar a threibh é gan mhaith. Éist! a iarsma cineáil: a dhríodair: a mheathalaigh. An cineál céadna sibh: an síol céadna: an aicme chéadna.

cineálta: *a.* cneasta, caoin, daonna, miochair, mín, carthanach, deaghmhaitheach, sochroidheach, ceannsa, grádhmhar. Bí cineálta léi a's b'fhéidir go bhfaghfá a toil pósta: cneasta: lághach i gcainnt a's i slighe. Tagadh cainnt chineálta uait ag tabhairt fínéachta nó ní fearrde thu é, ná tagadh líonruith ná fearg ort: cainnt chneasta, shocair, ruthagach, fhaidtheadhlach. Tréis an tsaoghail níl ionta ach daoine iasachta, bí cineálta leó, níor mhaith an rud iad do chur drochcháile orainn lé n-ár ndoicheall: bí lághach leó: foillsigh deighmhéin a's deaghbhéasa dhóibh. Ní fheadaraís ach a chineálta bítear liom sa tigh sin: an chneastacht agus an déanamh maith do gheibhim ann. Nách cineálta na daoine iad súd go rabhamair aca indé, cainnteach, fiafruightheach, fáilteach, flaitheamhail: deighmhéineach, síthbhialta, deaghnósach. Beart chineálta do dhein sé gur thóg sé isteach an lánamha bhocht a's gan gaol gan cómhgas aige leo: beart ghalánta, dheaghchroidheach. Ní cineálta an t-iomchar atá fút, a bhuachaill: táir ag déanamh nidhthe míchearta. Dá luightheá go cineálta léd chuid oibre ar nós na coda eile des na fearaibh ní brisfí thu a's gan bheith ag cnáimhseáil: go cneasta: bheith sásta le cion fir do dhéanamh. Capall cineálta: ceann a oibrigheas go féicheamhanta: gan stailc ná cos i dtalamh. Bó chineálta: bó a thugas a cuid bainne go sochma. Faigh teachtaire cineálta agus ní h-eiteófar é: teachtaire go mbudh thaithneamh leat labhairt leis: meallchainnteach.

cineáltas: *f.1.* cneastacht, ceannúireacht, grádhmhaire(acht). Tugtar breis cineáltais dom toisc breis oibre bheith orm: tugtar breis aire agus bídh dom. "Mara bhfagham cineáltas

ná fuil againn, ón lucht adhmanais", ars an t-oibridhe, "ragham ar stailc", tráthanna níos giorra agus breis thuarastail: deaghghníomh de bhárr deaghthola. Cineáltas don ngluaisteán ar an mbóthar garbh so, níos lugha siubhail: socracht a's sochmacht: aireachas. Dá chómhartha san féin theasbáin súd go raibh cineáltas ann mar budh mhaith é dos na bochtaibh nó d'aonne i ngádhtar: grádhmhaireacht: mianach i dtreódh na maitheasa do dhéanamh. Sé raibh de bhárr mo chineáltais agam míchéadfa: dá mhéid a dheineas a's go raibh fonn orm do dhéanamh. Mara mbeadh cineáltas an tsaoiste leis ná cuireadh cruadhobair air, do chaithfeadh sé fágaint: buigeacht: géilleamhaltacht: cneastacht.

cinim: *b. n-a.* síolbhuighim ó, lingim ó, túismhighim. Cé uaidh gur chinis in ao'chor, a sprionnlóir? tá náire orm aon ghaol do bheith agam leat: go dtáinighis uatha mar shliocht. Cineadh ó threibh na féile é sin, budh dhual do chroidhe mór: síolbhuigheadh é: ling. Níl faic agatsa lé caitheamh liomsa, chineas ó dheaghphlanndaidhibh: lingeas: tánga: mise mar shliocht aca. Cár chinis, cár saoghaluigheadh thu? déarfaidhe so lé duine trí iongtas nó míchéadfa.

cinn: *a.* (g. ar 'ceann') príomh: bunaidh: is aoirde: is tábhachtaighe. Strac an feóthan a raibh de sheoltaibh cinn uirthe: na seólta dob aoirde: d'imthigh sé amach fén sín gan aon bhrat (éadach) cinn: bairéad, caipín, etc. A ghruaig, a raibh de bhrat cinn air nuair chonnac-sa é: ceann nochtuighthe. Tigh cinn tuighe atá aige ná bíonn rófhuar sa gheimhreadh ná róthe sa tsamhradh, seascair díreach. Is sia lapaidhe cinn an róin ná na lapaidhe deireadh: iad so atá amuigh in aice a mhuiníl. "Niamh chinn óir is ainm dom": ceann gruaige orm go bhfuil dath an óir bhuidhe air. Tighthe cinn slinne atá dhá thógbháil anois, tighthe cinn adhmaid do bhíodh ann sa tseanshaoghal. Árus cinn chloiche seadh teampall Ghallarais: buaic slinne, adhmaid, tuighe, chloiche. Sid í oidhche chinn bhliadhna ólaimís sláinte a chéile in onóir don oidhche: an oidhche dheireannach den bhliadhain. Thugadh sé turus orainn an chinn bhliadhna i gcómhnaidhe: uair sa mbliadhain um Nodlaig. Caithimís uainn é, ach budh mhór an mheabhair chinn do bhí ag Marcóiní: inntlidheacht: gaois: comhacht tuigseana agus tagartha. An mbeidhfeá ghá áiteamh orm na raibh sé ann agus go bhfeaca lém shúilibh cinn é: mo shúile (féin!) agus gan aon mhearbhall tríd orm, leis. An lá gheóbham an t-airgead as an Scuaib beidh lá cinn againn, nó ní lá fós é: beidh lá fléidhe agus scléipe againn. Tá an lá cinn gur b'éigean dúinn ár ngnóth dréir cuir do bheith déanta againn, ag druideam linn: an lá atá sprioctha d'áirighthe. Uaigh neamhaithnid seadh é, gan leac, gan chloch chinn: cloch do cuirtear ar cheann uaighe chun a cómharthuighthe. "Deirtear liom", ars an sclábhaidhe, "gur deacra obair chinn ná obair ghéag": obair incheann.

cinnbhile: *f.4.* seanchrann, taoiseach, treóraidhe. Dá maireadh na seanbhilidhe muinntir Néill, Uí Dhómhnaill, Chaomhánaigh, Chárthaigh etc. chuirfeadh sé aoibhneas croidhe ortha an tásdáil a thug na fir óga uatha: na seantaoisigh. A chinnbhile, a chaomhna cliar a's díthreódhach: a ghaiscidhigh. Cnoc an bhile: ainm bhaile ó thuaidh ó Dhroichead Banndan.

cinncheangalach: *a.* do bheith greamuightheach ar an gceann. Nách cinncheangalach atá an hata ort ná bainfeá dhíot é: nách greamuightheach atá sé ort: ná deacair é do bhaint

díot. Nách cinncheangalach atá do chaipín ort nár bheannuighis don uachtarán: nách deacair leat é d'árdach i mbeannachadh. Deineadh duine cinncheangalaigh de ar eagla go ndéanfadh díobháil: gabhadh go daingean é. Bhuail sé anoir an tsráid tréis na bruidhne as thigh an dochtúra, cinncheangalaigh go béal: stráicidhe a's fáisceáin air chun an ghortuighthe do chneasughadh.

cinneadh: *f.4.* (*-nnte*) spriocadh, teacht ar aigne áirighthe, rúnughadh, ceapadh; sárughadh (ar); dáil, dán. Cainnt chinnte seadh go mbeidh sé ag teacht ar maidin, beidhfear ag cinneadh fir chun bheith 'n-a mhaor ar an obair: ag spriocadh: ag ainmiughadh fir don mbeart. Táthar ghá chinneadh ar an gcruinniughadh ar an uain seo cé hé a toghfar mar bhreitheamh: ghá chur i gcrích. B'é cinneadh Dé gur bádhadh an bás do gheóbhadh sé: b'é sin ceapadh Dé, toil Dé. Sé mo chinneadh do bheith ann d'aindeóin a gcuirfidh im choinnibh. An lá toghadh tú mar cheann ar fhearaibh go raibh fonn catha ortha budh lánolc an cinneadh é: an t-óirdneadh: an spriocadh. B'é cinneadh na cómhairle tréis na hoidhche ag cur a's ag cúiteamh ná rabhais oireamhnach mar cheann do leanbhaidhibh óga: b'é socrughadh na cómhairle é. Dá fheabhas mar bhím ar mo dhícheall tá sé ag cinneadh orm ar gach aon adhbhar léighin: buadhann sé orm: sáruigheann sé me. Gheóbhaidh gach aonne an rud atá i gcinneadh dho: i ndán do. B'é an truagh dealbh gur oileán uaigneach mara bhí i gcinneadh do Neapóilean: i ndán. Cad é cinneadh na habairte seo, "as mhaoil a' bháidh": cad é an míniughadh: slighe mínighthe focail (focal) i bhfocalaibh nách é (iad).

cinnéadan: *f.1.* stráice báin i mbárr nó i mbun guirt treabhtha, cinnfhearan. Is mó na cinnéadain a bhíos agam ná do chuid talmhan ar fad, ars an bodach leis an ngabháltaidhe beag.

cinneamhain(t): *b.3.* dán, críoch aiste, crích, íde, luan: gábhadh nách féidir do sheachaint: tionóisc, matalong: mío-ádh. Ní chuireann an chinneamhain a cos fúithe: an droichíde atá i ndán do dhaoinibh áirighthe ní féidir éalódh uaithe. Do chiorrbhaidh an chinneamhain é in aoirde a láin: an dán gan choinne leis. Thárlaidh cinneamhain do ar an mbóthar idir Thráighlí a's Corcaigh, go bhfuairtheas marbh é: tionóisc: teangbháil nách fios cad é a cúis: teagmhas gan choinne leis: teangbháil gan toil an timthire nó an ghníomhaidhe. Seachnaidh sibh féin anois má tá bád maith féin agaibh, bíonn an chinneamhaint ann: an chonntabhairt, mar bheadh ag síorfhaire ar dhuine. Is dóigh, mhuis, lé cinneamhaint throm do bádhadh é a's a raibh de shnámhaidhthibh ar an dtráigh a's an lá chómh breágh: tionóisc mhío-áidh. "An lá ghabhais an doras isteach chugham", ar seise le bean a mic, "thugais an chinneamhaint chughainn, ní raibh lá den righe ná den rath orainn ó shoin": mío-ádh: tuar mío-áidh dob eadh do theacht. Duine lé Dia seadh é, a bhainfeadh an chinneamhaint d'aon tigh go dtiocfadh sé isteach ann: an drochíde, an mío-ádh: a ruaigfeadh an t-olc as. Atharruigh do geámaidhe agus éireóchaidh leat fós, buadhann an t-imshníomh ar an gcinneamhaint: sáruigheann dícheallacht tionóisc do thárlachtaint: an té go mbíonn eagla air ní baoghal do. Bádhadh a raibh innte, go saoraidh Dia sinn, do b'í bád na cinneamhna í: an bád go raibh an droichíde i ndán di, os a cionn, gan dul uaidh aice. "Dia dár saoraidh ar an gcinneamhaint!" nuair cloistear trácht ar dhroichíde nó nuair bítear ag dul i dtreis lé rud eile nó in áit gur mór an baoghal san. Leig ort gur lé cinneamhaint do dhóghais an tigh gur thuit lasán uait gan choinne: matalong:

gur thárlaidh rud det aindeóin. “Shleamhnuigh sé ar an leac oidhir a’s briseadh a chos” – “tá an chinneamhaint riamh ’n-a dhiaidh”: “níor scar an chinneamhaint riamh leis”: leanann an míoádh é. Seadh, sé fear is tréalta annso é, a’s ar thuit de chinneamhaintidhibh riamh air go maireann sé fós, d’fhóbair go mbáidhfí trí huaire é, speach capall sa cheann é, phéac tarbh é, ní fheadar cad nár thárla dho: tionóiscidhe: matalonga: tubaistidhe: timpistidhe. Cinneamhaint seadh thú do bhualadh linn: tuar mío-áidh seadh é. Chuadhamair ar scoil in Éirinn i dteannta a chéile, d’imthigheamair thar lear, nár chorrach an chinneamhaint sinn do bhualadh lé chéile, eisean don bhFrainnc, mise don Almáin ar pháirc an bhuailte: dán taomanach.

cinneamhnach: *a.* tionóisceach, tubaisteach, bheith i ndán, bheith geallta, fé dheóidh. Stad de bheith ag cainnt, is cinneamhnach an rud ar do chorrán rásúr: conntabharthach: gheárrfadh sí thú gan choinne agat léi. Is cinneamhnach d’éirigh sé dhóibh gan cuimhneamh go raibh an gleann rómpa ’n-ar teilgeadh a’s marbhuigheadh iad: gan choinne roimis an olc aca: go neamhaireach. Fuair sé tuiteam cinneamhnach ar a chúl a’s níor éirigh as san amach: tuiteam díobhálach gan choinne leis. Bean chinneamhnach dob eadh í a’s gan aon leigheas ná toil aice air: níl aonne go raibh baint aice leis ná gur fhág sí tubaist nó mío-ádh éigin air. Dob é an tuiteam budh chinneamhnaighe dár airigheas riamh é, a chos d’iompódh ar ghéarán chloiche ar bholgán an bhóthair, a thuiteam a’s a chromán do chur as ionad: budh lugha budh dhóigh leat a dhéanfadh díobháil ach a dhein: mío-ádhmharach. Thugas buille cinneamhnach do ag bualadh peile, gur bhriseas a chos: bhuaileas a chos gan choinne a’s gan fonn a briste ach oiread. Budh chinneamhnach d’éirigh sé dhom mo chuid airgid do chailleamhaint trí phóca bhriste – nár chinneamhnaighe ná san d’éirigh sé dhom-sa mo phúnt do chaitheamh uaim i leith a’s gur seanpháipéar éigin a bhí ann: mío-ádhmharach trí neamhchoinne. Ainmhidhthe cinneamhnacha seadh na craosairidhe dá n-ionnsaidhidís tu: tubaisteach: is deacair na cosa do bhreith uatha. Is é rud is cinneamhnaighe dho a chrochadh, mar árdchladhaire seadh é: is deallramhtaighe do thuiteam amach air.

cinnfhearann: *f.1.* ceannéadan. Cuirfeam na cinnfhearainn fé ghabáiste: an méid den dtalamh i dhá gceann an ghuirt mar a gcasann na capaill: déintear leapacha treasna ortha.

cinnghéar: *a.* biorach, rinneach. Bíonn snáthad a’s biorán cinnghéar: barraidhe beagthoirte, gonta: rinneach. Carraigeacha cinnghéara atá ar Cheann Sibéal: faobharach: barrchaolach. Arm cinnghéar seadh cloidheamh: arm go bhfuil barr caol, gonta air.

cinnim: *b.a.* spriocaim, socruighim (ar), rúnuighim, óirdnighim, dáilim, cómharthuighim. Thugamair furmhór na hoidhche ag criafairt an chúrsa achrannaigh agus ’sí cómhairle chinneamair i ndeireadh na scríbe gan an namhaid d’ionnsaidhe roim éirghe lae: air sin do shocruigheamair. Cinneadh ortsa i gcóir dulta i dtír ar an oileán agus ormsa fanacht i mbun an bháid: socruigheadh san tréis machtnaimh. Nách fada go gcinntear duine éigin don scoil agus í anáirde lé bliadhain: go sprioctar múinteóir. Chinneas ar dhul ós chómhair na ndaoine mar iomaidhtheóir Dála: thánga ar an inntin sin: spriocas air. Tá cinnte agam gan oiread agus aon órdlach amháin talmhan do ghéilleadh don namhaid, dá scriostí go dtí an fear donn deireannach sinn: tá sé rúnuighthe agam. Sin iad na bliadhanta do chinn Dia dho, deich agus trí fichid: do bheartuigh Dia dho: do chómharthuigh Dia

dho. Do chinn an t-easbog ’n-a shagart paróiste é: d’óirdnigh sé é: do cheap sé san ionad san é. Go deimhin is í an fhírinne gur chinneadar cómhairle liom sar ar dheineadar faic: d’iarradar mo chómhairle. Nílim ach ag lorg mo chirt den obair, an méid do cinneadh dom, faic eile: an méid do leagadh amach dom. Níor cinneadh ar aon rud fós, tá an cúrsa i gcosair chró: ní tángthas ar aon aigne áirighthe fós ’n-a thaobh. Cinneann an cheist seo orm, téidheann díom, tá sí ródheacair dom: buaileann sí me: níl a fuascailt ar mo chumas. Indiu do chinn orainn má chinn riamh orainn, oiread agus pingin níor thuilleamair: níor theip i gceart riamh orainn go dtí indiu.

cinnire: (**cionnaire**) *m.4.* treóraidhe, ceannródaidhe, fear (duine) tosaigh, cosantóir, soláthartháir, tiománaidhe, giolla puist. “Ní chuala riamh ceól budh bhinne/ ná ceathrar treabhthaidhe i ngleanntán coille/ an cionnaire ghá rádh leis an bhfear deiridh/ an caolfhód d’iompódh a’s gan a bhriseadh”: fear go mbíodh greim aige ar an gcapall tosaigh (an seannós treabhadóireachta) go leanadh an tseisreach ’n-a sraith dírigh é. Nuair bítí ag iomchar éisc ’on Daingean déintí cionnaire den gcapall dob fhearr chun ná moilleófí an chuid eile ar an slighe: cuirtí chun tosaigh é. Ar mbeith do Scot d’iarraidh an Mol Theas do shroichstint déintí cionnaire den bponaire dob fheárr: cuirtí roim an gcuid eile amach é chun na coda eile do mhealladh chun gluaiste; agus maidir lé Scot féin, do bhí sé ar chionnairidhibh maithe an domhain: treóraidhthe fear. Léim an cionnaire a bhí ar na capaillibh thar claidhe a’s lean an chuid eile é: an ceann tosaigh: an treóraidhe: an seólaidhe. Cionnaire maith tighe seadh é, bíonn sé de mhuir a’s de thír aige: soláthróir maith: bailightheóir maith chun an tighe. Cionnaire maith ag an Iodáil anois i Mosailíní: fear treóir dá dhúthaigh. Déarfadh mórán daoine gurbh é an Peáirnéalach an cionnaire dob fheárr againn lé n-ár gcómhaimsir: an treóraidhe. Ná bíodh aon eagla ort dul in aon áit leis an té atá it fhochair, déanfaidh sé dídean duit, cionnaire críochnuighthe seadh é: cosantóir. Tagadh deallramh éigin ar ár gcúram agus déinimís cionnaire d’fhear éigin a dheimhneóchaidh dhúinn cad tá orainn do dhéanamh: giolla: ceann: fear a riarfaidh sinn i gcóir. Ní bhead-sa im chionnaire agat, déin féin do ghnóth féin nó neachtreaca bíodh sé gan déanamh: ní bheadsa im amadán agat ghá theasbáint duit cad do dhéanfá a’s gur cuma leat.

cinnireacht: (**cionnaireacht**) *b.3.* treóraidheacht, giollaidheacht, tiománaidheacht, saoistidheacht. Cuir uaim do chuid cionnaireachta ormsa, ní fhuilngeóchainn aon órduighthe uait: ag déanamh cinn díot féin orm: ag déanamh máighistireachta orm: bheith mar sclábhaidhe agat. Chaitheas uaim é mar chapall, theastuigh an iomad cionnaireachta uaidh: breith ar cheann air a’s bheith ghá ghiollaidheacht. Ní gábhadh aon chionnaireacht do dhéanamh in Áth Cliath anois ort, tá fios na bpóirsidhe agat féin: giollaidheacht a theasbáint duit cá ngeóbhfá. Ó shiopa go siopa bíonn mo bhean ag cionnaireacht orm, ag teasbáint an ruda so agus an ruda úd dom, nidhthe ná fuil aon tsuim díreach agam ionta ach oiread leis an lathaigh: ghom tharang léi ar adhastar ó bhall go ball. Theastuigh cionnaireacht Liam uainn, mar is iomdha tásdáil a bhí againn air agus b’é saighdiúir dob fheárr a bhí againn dar linn: a riar agus a threórughadh. Ní mór dúinn cionnaireacht treasna na ndroch-phortaidhthe seo, mar táimíd gan eólas ortha: stiúradh.

cinnirim: *b.a.* treóruighim, giolluighim. Cinnir amach ar an mbóthar me, tá an áit seo chómh dorcha lé tóin an phúca: giolluigh amach me: beir amach me gan aon nidh éirghe

dom. "Cinnireóchad 'on bhráca thú", ars an gárda, agus leis sin bhuail crúca ionam agus d'árduigh leis me: seólfad, stiúróchad. Seachain tú féin, chinnreóchadh san chun an diaill thu: thiomáinfeadh sé: chuirfeadh sé ar do mhíleas thu. Cinnireófar amach ar an mbán na capaill ráis go léir ar dtúis: seólfar amach iad fé bhreithniughadh lucht an ráis chun a measa.

cinnlitir: (**cinnleitir**) *b.5.* leitir mhór, leitir thosaigh. Scríghtear cinnleitreacha i ndiaidh gach lán stada. S. C. mo chinnleitreacha do Sheán Caomhánach: na céadleitreacha im ainm a's im shloinne.

cinnmhire: *b.4.* báine, buile dhearg: ceanndáine. D'imthigh sé lé cinnmhire an lá thóg an t-arm na h-earraidhe uaidh: bhí gach aon léim ar fuaid an tsiopa aige: tháinig fíoch mór air. Chuir an deoch láidir, a's gan taithighe aige uirthe, ar cinnmhire é, rudaidhe dhá dhéanamh aige ná déanfadh aon fhear ciallmhar: ar buile: as a mheabhair: ar chaochmheisce. Ní chorróchadh sé órdlach ón ngunna lé cinnmhire dulta amach: ceanndáine: buinne. Ná tóg aon cheann den nduine cinnmhire sin, chaith sé seal nó dhó sa ghealtlann: duine buile, mearuighthe gan chiall cheart.

cinnpheacadh: *f.4.* peacadh mór. Go maithidh Dia cinnpheacaidhe mo shaoghail dom agus mo mhionpheacaidhe leis: na peacaidhe móra troma.

cinnréalt: *f.3.* réalt mór, réalt tábhachtach. Is oth liom gur beag é m'eólas ar reannaibh neimhe, ní fios dom ach cuid des na cinnréaltaibh mar an chamchéachda, an treighdín agus mar sin: réaltanna nó reanna is eól do chách: réaltanna soiléire.

cinnseal: *f.1.* borrachas; lán; blomas; uallachas; taidhbhse; ceannas; sotalácht; mursantacht; ughdarásaidheacht; uachtarlámh. Bhuaileadh sí suas lár teampaill gabhtha gléasta, a ceann san aer aice agus budh mhór é a cinnseal: an lán: an tóirtéis aiste féin. Cinnseal gan dual dhuitse bheith ag cimileáil lé daoinibh móra: éirghe anáirde: taidhbhse ná fuil id dhúthchas. Bíonn oiread cinnsil ort ag déanamh an ruda is lugha gur dhóigh lé daoinibh gur gnóth tábhachtach éigin do bheadh agat: blomas, ghod chur féin in iúil: bheith taidhbhseach. Le cinnseal, ó ráinig sé saidhbhir, ní bheannóchadh sé d'aonne, chonnac tamall é agus b'fhuraiste breith ar earball air: uallachas: teasbántas éirimeamhail: baois: dúmas árdréimeach. Fair iad mar shuidheann siad lé cinnseal 'n-a suidheachánaibh ag éileamh breithnighthe na mná baoise: ceannárd: rófhonn a mbreághthacht 'sa ngreidhlidhe do theasbáint. Múchta ge cinnseal, mo thuairm, ní mór go leigeann sé air go bhfeiceann sé na cómharsain: blomas: mursantacht: meón tighearnamhail. Níl aon rud do dheineann sé ná go gcaitheann cinnseal do bheith air leis: teasbáinteas áirleógach: slighe déanta go bhfeiceadh gach aonne cad bhí ar siubhal aige, agus lán fe trí n-a dhéanamh. Cois na conntabharthach, ar aonach, ar margadh, ag aifreann tugann gach aonne fé ndeara leis an gcinnseal a bhíos air: an cur in iúil lé geámaidhibh nó le cainnt go mbíonn láithreach. Cuireadh corc san gcinnseal cainnte a bhí fé, ag maoidheamh 'sag bladhgar: fuadar agus buinne. Is fada ón míonlacht do chinnseal: ní bhíonn choidhche uait ach an teasbáinteas: ghod chur os chómhair súl chách i gcómhnaidhe. Do thuargain ceannsal na dtighearnaidhe talmhan na daoine bochta: an uachtarlámh ná raibh truagh ná trócaire aice. Ruaigfeam as cinnseal fós an dream saidhbhir má chuirimídne, sclábhaidhthe, lé chéile

go fireann, go mbeidh comhthrom ceart againn as ár sclábhaidheacht: cuirfeam iad as an ionad lámhuachtair.

cinnsealach: *a.* baosmhar, blomasach. lánmhar, taidhbhseach, mursantach, lámhuachtarach, uallach, borrach. Daoine go ndéineann beagán airgid cinnsealach iad gur dhóigh leat go raibh na leaga liatha aca: bíd uallach gur dhóigh leat, ar fhéachaint ar a bhfuadar, gur leó saidhbhreas an domhain. Ní leigfinn d'fhear is tábhachtaighe sa Dáil ná thusa bheith cinnsealach liom: bheith ag gabháil lastuas díom: d'iarraidh me do chongbháil féd chois nó do thuairmidhe do chur orm dom aimhdheóin. Dá mbeitheá gan bheith chómh cinnsealach réidhteóchadh an chómhairle níos fearr leat: gan bheith chómh mursantach: gan bheith d'iarraidh bheith id thíoránach ortha: iad do riaghaladh go róthighearnamhail: iad do riar go mórchúiseach, tarcuisneamhail: gan áird do thabhairt ar a mbaramhal ná ar a dtuairm. Bhíodh na daoine saidhbhre a's na huaisle go cinnsealach san Rúis na daoine fé n-a gcois aca, ach chuir an Mhuirtheacht deireadh leó: géirleanamhnach: cos 'n-a mbolg aca, diailldhian. Dá me thú b'fheárr liom bheith míonla ná cinnsealach, ní h-eól dom duine cinnsealach riamh nár mínigheadh: duine mórláin: go mbíonn mustar gan suim nó motháilt aige dho dhuine eile.

cinnsealaighe: *b.4.* an aiste bheith cinnsealach, tóirtéis, ceannaoirde, borrachas, uallachas, mursanacht (mursantacht). Do chinnsealaighe a chiall thu, bhís ródheimhnightheach díot féin a's níor dheinis stuidéar do dhóthain i gcóir an scrúduighthe: tóirtéis: bheith rómheastamhail ort féin. Thosnuigh an fear san go maith, ach chómh luath agus fuair a luighead de mhaoin an tsaoghail ghaibh a chinnsealaighe an buaidh air a's shéan na daoine é nuair nár fhan tor aige ortha: tóirtéis: mórchúis: lán as féin a's ceannsíos ar dhaoinibh eile. Baineadh cuid den gcinnsealaighe den gcamplacht gcéadna san nuair chailleadar deich suidheacháin ar an dtogha déidheannach: éirghe anáirde mórchúis asta féin, beagchúis ar dhaoinibh eile. Ag dul i gcinnsealaighe bhí an ruathaire, gan géilleadh aige do chómhairle aonne, ach ag déanamh namhad lé n-a iomchar des gach aonne go dtí go raibh ródhéidheannach aige: ag éirghe air a bhí le meas gan riachtanas. An iongadh go gcuireann cinnsealaighe na saidhbhir déistin ar na bochtaibh: an ceannárd a thagas lé saidhbhreas agus cómhacht. A chinnsealaighe ar a ghnóth do fuair an bheart do agus ní léidhe ná leagadh leis: a shárfheabhas chun a dhéanta.

cinnshrian: *b.5.* (-ach, *iol.* cinnshrianta) Cuireadh cinnshrian mhaisighthe ar an gcapall folaidheachta lé tóirtéis as a fheabhas: adhastar greanta.

cinnte: *a.* socruighthe, áirighthe; deimhnighthe, ceart, cruinn, beacht: buantseasamhach, tairiseach; dearbhtha, sprionnlaithe, sainnteach (sanntach), cumhang, gann. Bíonn drochaimsir chinnte cois farraige sa gheimhreadh: drochaimsir gan stad. Rud cinnte seadh é go mbeidh an talamh so dhá roinnt ambáireach, ní bheidh a thuilleadh moille air: rud deimhnightheach. Níl aon rud is cinnte ná an bás: bíodh gach aon nidh lándeimhnightheach go dtiocfaidh sé. Cad n-a thaobh ná beinn cinnte de é bheith ann? ná feaca lém shúilibh cinn é: deimhnightheach. Fuairis an tómhas cinnte cad eile bheadh uait? an tómhas ceart. Fuaireas an tómhas agus b'é sin an tómhas cinnte: beacht, gan aon bhreis le dúthracht. Duine cumhang i mbun siopa seadh é bíonn a lámh róchinnte:

sprionnlaithe. Laetheanta cinnte atá lé fagháil ar an saoghal so anois aige, crochfar i gcionn deich lá é: laetheanta áirighthe gan aon iardaighe. Ná bí chómh cinnte sin anois díot féin gur b'é an freagra ceart atá agat, is minic do bhí dearmhad ar fhear chómh maith leat: deimhnightheach; ná déin talamh slán de. Chómh cinnte a's tá biana ar bhata bacaigh: níl baoghal ná go bhfuil san mar sin. Ní déarfadh sé go raibh an scéal mar sin mara mbeadh é bheith, fear cinnte ná ritheann lé n-a theangain seadh é: daingean diongbhálta. "An dtabharfair sintiús do dheascán an leachta?" – "cinnte" (go cinnte): gan amhras ar bith. "Cad é an méid fear ann?" – "céad, cinnte": ach go h-áirighthe, ar a luighead. Budh chinnte dhuit do bheatha do shaothrughadh i dtír shaidhbhir fhairsing mar an t-Oileán Úr ná tír bhocht chumhang mar an Eilbhéis: bheidhfeá níos dearbhtha, níos deimhnighthighe, níos socra it aigne dhe. "An bhfuilir réidh chun labhartha?" – "cinnte (táim go cinnte)": gan amhras. Bí cinnte dhíom go mbead ann, ní chuirfead neamhchoinne an turus so ort: dearbhtha. Táid cinnte go n-eireóchaidh an toghadh leó ar an gcóngamh atá geallta dhóibh: creidid go diongbhálta é. Bí annso go cintne ar a deich a chlog nó ní fhanfad stróc leat: go tráthamhail. An deicheamhadh lá atá cinnte i gcóir an toghaidh: socruighthe. An fear atá cinnte dom scoil níor innseadh fós é: go bhfuil sprioctha air. An bhfuil gach aonnidh cinnte anois agaibh, sceana, gabhláin, spionóga, an biadh a's go haonnidh cóirighthe: curtha in órdughadh cheart. Ná bí chómh cinnte leis an riar, gearraidh breis aráin chughainn: sprionnlaithe. Nách cinnte atá sé, breis do bheith aige féin: sainnteamhail. Bíonn lá cinnte chun na bhfear do dhíol agus mara mbíd ann an lá san téid dhá cheal go dtín mí n-a dhiaidh: beacht.

cinnteach: *a.* socruighthe: spriocuighthe, teóranta, críochnuightheach; sainnteach, sprionnlaithe. Choimeád sé fiú amháin an fheóirlinge uaim, is cinntighe é ná riamh, dá olcas bhí sé: is sprionnlaithe. Tagann tuarasdal cinnteach air uair sa mhí: tuarasdal áirighthe atá socair teacht go tráthamhail. Tagann tinneasaidhe cinn orm ar aitreamhaibh cinnteacha ar nós an chluig: ceanntráthanna ná teipeann ortha teacht. Bheadh an saoghal chómh maith ag duine a's gan bheith chómh cinnteach a's duine d'eiteach ar dhó nó trí scillingidhibh: cumhang, beacht, geairrid do dhuine. Pé áit ná ócáid go mbeadh sé bheadh sé d'iarraidh a dhá oiread do bheith aige lé haonne eile, tá sé chómh cinnteach san: chómh sainnteamhail. Fear an-chinnteach seadh é agus teastuigheann freagraidhe cinnteacha uaidh ar gach rud: fear atá beacht ar ghnóth, agus ní bhíonn sásta gan freagraidhe d'fhagháil nách féidir aon amhras do bheith 'n-a dtaobh. Pé duine go mbeidhfeá 'n-a chuibhreann ná bí i gcuibhreann cinntigh, bíonn doicheall a's tormas air: duine beacht: raispín.

cinnteacht: *b.3.* deimhnightheacht; socruightheacht, socracht, cómhnaidheacht, buaine: dearbhthacht; muinghin, iontaoibh, comhrúnaidheacht, tráthamhlacht, sprionnlaitheacht, caoile. Ní fhéadfá bheith mórdhálach as mar cinnteacht a bhí ag baint a shaoghail beatha dhe: caoile agus snamhaireacht atá dhá thaidhreamh do: níl aon rud ag gabháil trí n-a aigne ach maireachtaint go cumhang. Chuirfeadh sé a cheann ar ceap go mbeadh a dhreatháir in am, bhí sé chómh deimhnightheach san dá chinnteacht: tráthamhlacht. Is deacair liom muinghin do chur as a fhocal, mar níl aon chinnteacht leis an bhfear gcéadna, an rud budh dhóigh leat ná déanfadh sé, sé dhéineann sé: réimeamhlacht, buaine iomchair. É féin a dhein do féin é, dá mb'áil leis fanacht mar a raibh aige, acht lé n-a chinnteacht ná heireóchadh aonnidh dhe, d'éirigh amach as an scairt a's shín urchar fáin

é: dearbhacht, é bheith lándeimhnightheach lé n-a fheabhas nó a thuigsint go mbeadh aige. Níl aon chinnteacht fós an gcrochfar é, nó ná crochfar é mar má daoradh chun báis é moladh chun trócaire é: níl aon rud críochshocruighthe: saorfí a bheatha fós dho. Sin é an scéal i gcinnteacht anois agat gan focal fé ná tharais, agus codail air: sin é agat go fírinneach mar atá.

cinntighim: *b.a.* órduighim, deimhnighim, socruighim, cóirighim. Cinntigheadh gur tusa agus do chuid fear d'ionsóchadh an t-árdán agus níl aon dul as agaibh: órduigheadh é: socruigheadh é. Sara bhfágair talamh tirim cinntighidh go mbeidh bhur ndóthain uisce agaibh i gcóir na farraige: déinidh deimhin de: ná bíodh aon mhearbhall 'n-a thaobh oraibh. Cinntightear anois an cúrsa so eadraibh, a's ná bíodh a thuilleadh constrabhála agaibh 'n-a thaobh: cuir críoch shocair air a chuirfeas sásamh ar gach aonne agaibh. Chinntigh an Dáil go mbeadh Lá Féile Phádraig 'n-a lá saoire: d'achtuigheadar é: dhligheadar san dos na daoinibh.

cinntsiocair: (**ceanntsiocair**) *b.5.* bun, túis, adhbhar. Tusa cinntsiocair mo thighe do dhóghadh, ní déanfí riamh é mara mbeadh do chómhairleach í, is tú is bun leis: gan tusa ní thárlóchadh sé. Cuirtear ar ár gcéadshínsear gurbh iad ceanntsiocair ár gceasnaidhthe go léir iad: gur bh'iad adhbhar ár mbuadhartha ar fad iad toisc an pheaca. Pé hiad budh cheanntsiocair le sighiniughadh na Connartha idir sinn féin a's Sasana is bocht an déanamh gheóbhaidh ón staraidhe: na daoine budh bhun leis: a rinne é. An diall a's an cholann ceann-tsiocair an uile uilc: bunadhbhar: bunchúis.

cinstear: *f.1.* blodhtacha, mionramh, brúscar. Thuit an scáthán ar an úrlár cruaidh a's deineadh cinstear de: mionbhlúiridheacha. Bhuail an long fé lántsiubhal ar an bhfochais a's deineadh cinstear di! réab an charraig 'n-a blodhtachaibh í. Oidhche bhíos ag féachaint ar "Challshaoth" ag deisiughadh corcáin, bhuail sé barrbhuille beag air lé n-a chasúr d'fhéachaint an raibh sé folláin a's dhein sé cinstear de: d'imthigh sé 'n-a bhlúiridheachaibh. "Cinstear!" ars an t-ubh nuair thuit sé ar an dtalamh: bhris an plaosc a's seo amach an biadh.

cíoc!: *eighdeán* Féach annso! "Cíoc! cíoc!" chídhimse thu, deirtear so le leanbh ar an am gcéadna ag cur cumaidhe nó púice ort féin chuige chun é do chur ag gáiridhe.

cíocaire: *f.4.* airceachán, duine piaclach chun ruda: duine miantamhail, sprionnlóir. An cíocaire sin ní thabharfadh san pioc dá chuid duit dá dtógadh sé ón mbás thu: duine gan flaitheamhlacht. Seachain cuibhreann cíocaire mar budh neamhshubháilceach é do thomhaltas: duine doranna .i. duine go mbeadh an oiread san sprionnlaitheachta ag baint leis gur dhóigh leis gur cheart do an t-iomlán do bheith aige. De mhadra bheag ní fheaca cíocaire ach é d'íosfadh sé oiread lé deich gcinn eile: madra ocrach, mórghoileach. An stadfair go hoidhche de bheith ag itheadh, a chíocaire? a rud ocraigh, dhoshásta. Tamall gheóbhadh duine éigin ádh ort ach lé déidheanaighe tá cíocaire déanta dhíot. Ní chothóchadh do dhícheall an cíocaire muice sin agus bheith ag tabhairt di ar feadh an lae: an sutha: ainmhidhe mórghoileach. Cíocaire beag duine ná feicfeadh a chroidhe dá mbeadh sé ar a bhais aige: sprionnlóir. Duine gurbh é a fhonn 'sa mhian gan scaramhaint

lé haon rud. Deich bhfocail cainnte síthbhialta ní bhfaghfá uaidh, ach é goirgeach, aingceach, an cíocaire: duine doshásta, canncarach.

cíocar: *f.1.* piaclacht; ocras géar; fonn mór; faobhar nó fuadar chun ruda. Tiocfaidh cíocar stuic ar na ceannuightheóiridhibh ar thosnughadh an chogaidh, ní fhágfaidh ceann gan ceannach: fonn. Leis an gcíocar a bhí orm, mar nár itheas aon rud lé dhá lá, chromas ar itheadh éisc róin mar bheadh madra gorta: an fonn míochuibheasach. Léan ar an arrachtach crúnca mar an air atá an cíocar a's bheith ar lorg céile in aois a cheithre fichid do: an fonn, dúil teasaidhe. Dá mbeadh aon chíocar orm chun an tsiopa do shealbhughadh b'fhuraiste dhom san lém chuid airgid: dúil nó faobhar a bheith agam. Anois a tháinig an cíocar oibre ort a's tú stealla dhíomhaoin lé mí, a's é ródhéidheanach chun aonnidh do chur ar an uain atá ann: an faobhar tar meón. Nách mór an cíocar bídh a bhí ar na míoltaibh móra go n-árduighidís a gceann go hárd as an uisce go bhfeicidís an fada uatha bíodh na fir ar an leacoidhir: dúil dochoimse. Níl aon teóra le fear cíocair cad ná híosfadh sé a's é n-a throscadh le laetheantaibh: duine bheadh ar silleadh leis an ocras. Tigh cíocair seadh é níl aonne fé n-a iadhadh ná go n-íosfadh ar cheann a's ar chosaibh thu: daoine mórghoileacha, géarghoileacha ann. Chaill an cíocar riamh é: an fonn chun ruda do bheith aige a's gan aon tsásamh ná áis do bhaint as: airigtheacht.

cíocarán: *f.1.* fiacal súl, fiacal thosaigh. Má d'imthigh a chúilfhiacla féin d'íosfadh sé cuid mhaith leis na cíocaránaibh: na mionfhiacla. Na cíocaráin is iad na chéadfhiacla a thagas do leanbh.

cíocardha: *a.* sanntach, doshásta, amplach, confach, ocrach, floscach, miangaiseach: fonnmhar: faobharach. "An té go mbíonn an t-ocras air, an diall mise", ars an t-airceachán, "go mbíonn sé cíocardha chun ithte": fonn bídh a's dúil ithte air: is é is fada leis go bhfaghann sé é. Béarfaidh bric ruadha um thráthnóna beidh siad an-chíocardha i ndiaidh cuileann: fonn ithte ortha. Duine cíocardha chun oibre do chríochnughadh dob eadh é nuair bheadh gábhadh léi, ach seachas san saoiste bog dob eadh é: mianmhar, budh mhaith leis go mór rud do dhéanamh a theastóchadh. Mise d'ólfadh fíon bán go cíocardha dá bhfaighinn é: a ólfadh le guilm é. D'ith sé a raibh ar a phláta go cíocardha: mear, tapaidh, alpamhail. Ainmhidhthe cíocardha seadh leómhain nuair théid tar cailc gan biadh: ainmhidhthe guilmeacha: a íosfadh go halpamhail, mianmhar. Ní bheinn róchíocardha chun na háite sin do cheannach dá me thu, níl sé chómh maith agus tá teist air: ní bheadh an oiread san fonn ar fad orm chuige.

cíoch: *b.2. f.1.* brollach, mám. Sin é bainne cích fuair sé, bheith 'n-a fhear mhaith: sin é do thál a mháthair air: sé dúthchas atá ann é. Tabhair an chíoch don leanbh: léig don leanbh an chíoch do tharangt. Chongaibh a mháthair tamall maith ar a cíoch é: thál sé i bhfad air: bhí sí ancheanamhail air. Bainne cích an bhleaigeáird do fuairis agus a rian ort: tá sé sa bhfuil agat bheith go holc. Thabharfainn sugh mo chíoch dóibh seo a throid ar son na hÉireann: tá cion mo chroidhe agam ortha. Tógadh ar lacht cíoch glan é: fuair sé bainne cích gan teimheal: "thug sé ó gach taobh leis é (an mianach maith)". "Bainne cích na n-éan": an gafan: fiadhaile musamhail, nimheamhail a fhásas de ghnáth ar charnánaibh salachair, conntabharthach d'éanlaithibh tighe. Séid a cíocha: tháinig bainne 'n-a mamaibh. Beidh a cíocha bleacht: beidh bainne don leanbh ionta. Im óige chuirimís ar

fhaithinidhibh é lé h-ionchas a's go gcneasóchadh iad, cuirtí ar an uisce leis é mar nimh chun breac do mharbhughadh. A <u>cíocha</u> cruinne gan smál: an brollach ar an dtaobh go mbíonn sinídhe air agus mar a bhfoluightear an bainne.

cíochach: *a.* brollaighe do bheith ar, ag baint leis an mbrollach. Ainmhidhe <u>cíochach</u> seadh aon ainmhidhe go bhfuil te, a thálas ar a ógaibh mar an bhó.

cíochnach: *a.* glórach, usmairteach. Ag an réidhleán teine a bhí fé níor bh'fhada go raibh glór <u>cíochnach</u> ag an dtualán agus dheineamair té: glór siosarnach: glór an uisce bheirbhthe. Bíonn cnagairt a's glór <u>cíochnach</u> ar an bhfriochtán gach maidin ag scamhacháin fheóla a's uibhe cearc: glór usmairte ó theas na teine.

cíocrach: *a.* ocrach, sainnteach, alpamhail, floscach, malluighthe, dáiríre, miangaiseach, díochrach, práidhneach. Iasc <u>cíocrach</u> seadh pollóga nuair bhíonn ionbhaidh ortha: fonn beartha ar bhaoite. B'annamh riamh bhí ceannuightheóiridhe chómh <u>cíocrach</u> chun beithidheach do cheannach, budh dhóigh leat ortha ná faghaidís leath a ndóthain: miangaiseach: fonn iad do cheannach ar aon airgead. Bíonn lucht na Státsheirbhíse an-<u>chíocrach</u> chun Gaedhilge sa tsaoghal atá ann anois, bíd ag teacht fén nGaedhealtacht 'n-a sluaightibh: mian teasaidhe ortha í d'fhoghluim. Tá Sasana an-<u>chíocrach</u> chun cómhair do dhéanamh leis an nGearmáin d'fhonn a's go mbeadh a muinnteardhas aice: fonn an domhain uirthe. Suidh chun do chod' bídh budh cheart duit bheith <u>cíocrach</u> anois a's a fhaid gur ithis: guilm bídh, fonn mór ithte. Is <u>cíocrach</u> an t-ainmhidhe ag itheadh cráin: alpamhail, ag itheadh go tapaidh agus i mbéalógaibh móra. Bíonn cráin <u>cíocrach</u> tímcheall an bhídh: malluighthe, gortach, ní maith léi pioc do scaoileadh le haon ainmhidhe eile. Dá mbeinn níos <u>cíocraighe</u> ná táim tá breis agus mo dhóthain le n-itheadh ar an mbórd so: níos dúlmhara. Nách <u>cíocrach</u> do dheól leanbh cíoch a mháthar: dúlmhar: fonnmhar. Phóg sí a mac, an bhean bhocht, go <u>cíocrach</u>, shaoil sí go raibh sé marbh leis na bliadhantaibh: go ceanamhail, dáiríre mear, fonnmhar. Bhíodar ró-<u>chíocrach</u> chun éisc a's chuireadar an iomad 'on bhád gur shúngcáil sí fé n-a gcois: an iomad dúlach aca ann gur shúngcáladar gan chorruighe í. Is <u>cíocrach</u> a bhíos daoine óga chun rothaidheachta: mórfhonn agus taithneamh ortha.

cíocras: *f.1.* ocras, sainnt, ampla: dúthracht, díochracht, fonn. Ar an <u>gcíocras</u> fola atá ar an cómhachtaibh chun a chéile ní fada ó chogadh iad: an dúil mhairbh atá i dtroid aca. Cad chuir an <u>cíocras</u> go léir ort? budh dhóigh le duine nár ithis faic lé mí: ocras: guilm bídh. Budh mhór an <u>cíocras</u> a bhí chun rinnce uirthe nár fhág sí an t-úrlár beagnách ar feadh na hoidhche: an dúil mhíochuibheasach. Cuir uait an <u>cíocras</u> ameasc daoine, agus ith go béasamhail: an t-ampla: an craos. Bíonn <u>cíocras</u> oibre gach aon nóimint den lá orm chun an tsaothair seo do chríochnughadh in am thráth, mar tá mo chroidhe innte: díochracht: díoghras: fonn ó chroidhe amach. Ní beag do féachaint ar fheóil nuair thagann uisce lé n-a fhiaclaibh chúiche. Nách mór an <u>cíocras</u> ar fhear é: an dúil mhairbh, mhíonádúrdha. Ní shásóchadh an saoghal mór an <u>cíocras</u> talmhan atá ar Shasana riamh: an dúil doshásta agus fonn na breise. Creid me leis go raibh <u>cíocras</u> orm bualadh leat mar táim ar do lorg ó mhaidean ar ghnóth anthábhachtach anthairbheach: fonn ar mhaithe linn araon. Chuir boladh na feóla <u>cíocras</u> ar an leómhan a's nár bh'fhéidir a choimeád uaithe: dúil dochlaoidhte. Tabhair fé ndeara an <u>cíocras</u> súl atá air ag faire ar an uile rud atá ar

siubhal: an miangas a's an solas atá ionta ná raghadh aon rud amugha air. Cíocras cluas nár fhágaidh thu, mar an ort atá an chluasghal ag éisteacht lé gnóthaidhibh na ndaoine eile: mian dhiabhalta chun bheith ag éisteacht lé rudaidhibh ná baineann le duine. Cíocras snámha, cíocras siubhail etc. Ní h-aon chíocras atá orm ach budh mhaith liom greim: níl ocras ná guilm bídh orm ach ní dhiúltóchainn é mar sin féin. D'ith an cíocras Scot d'iarraidh bheith roim Amundsan ag an Mol Theas nuair chuala sé go raibh seisean ar an slighe: fonn thar na beartaibh. Bheadh dóthain cíocrais aon óltóra san méid a fuair sé, mara mbeadh craosaire meisceóra ar fad: oiread is shásóchadh an mian gnáth.

cíocrasán: *f.1.* ocrachán, airceachán, craosaire, cníopaire, sprionnlóir. Scolartach de chíocrasán ná cothóchadh muileann Thomáis Uí Dhonnchadha é: muileann mór plúir a bhí sa Daingean: ainmhidhe nár bh'fhéidir a dhóthain do thabhairt lé n-itheadh dho. Cíocrasán chun talmhan, ghoidfeadh sé dá bhféadadh: duine sanntach. Bítear ghá photbhiathadh ach ní shásóchadh biadh ná déanamh é, an cíocrasán: ruidín beag doshásta. Ní réidhteóchadh naomh leis, cíocrasán go dteastuigheann gach aon rud uaidh féin: cníopaire. Níor bhris sé a chroidhe leis an méid do scaoil fé ar cáirde, an cíocrasán toghtha: duine an-gheairrid do féin gan flaitheamhlacht ná raidhse ann.

ciollar: *f.1.* blodh, blúire briste, go mórmhor de ghloinne nó d'áraistidhibh cré. Thuit an pláta as a láimh, an síománaidhe, agus deineadh ciollaracha ar an úrlár cruaidh de: blodhtacha, mionramh. Lé neart an ghála caitheadh an long, dá fheabhas a bhí sí, ar an gcarraig agus d'imthigh sí n-a ciollarachaibh: 'n-a mionbhlúiridhibh. Bhuail an gluaisteán leis an oiread san fuinnimh ar an ngeata láidir gur imthigh sé 'n-a chiollarachaibh ag feadghail tríd an aer: 'n-a spreócaidhe beaga. Ag dul treasna rian na traenach don ngluaisteán bhuail traen lándeithneasach uirthe agus rinne ciollaracha dhi: smutarghail. Dhein lucht na gcártaidhe ciollaracha den mbórd nuair éirigheadar chun a chéile: bris brúin. Dá fheabhas áiteamh do dheineas air d'iarraidh a chur 'n-a luighe air gurbh é an t-ubh a tháinig roim an gcirc dhein ciollaracha dem argóna: d'fhoillsigh go soiléir nó dhall sé amach me ná raibh an ceart agam. Bhíodar ag caitheamh philéar ar an dtigh gur dheineadar ciollaracha dhe idir fhalla a's ceann a's uile: d'imthigh sé 'n-a smutaíbh. "Ciollaracha!" arsa bean an tighe nuair thuit an sciath mhór oráistidhe ón gcailín aimsire (lé seanbhlas).

ciollarchiota: *f.4.* blodh beag mar méaróg chloiche. Lé teas uathbhásach na teine agus gan aon uisce ann phléasc sé 'n-a chiollarchiotaidhibh: 'n-a bhlúiridheachaibh beaga mar chaithfeá 'n-a urcharaibh.

ciolmamúta: *f.4.* cleasaidheacht, feall, mí-imirt: duine gan puinn spéise 'n-a chlódh ná 'n-a phearsain aige. Bí gasta, bearraidh thu féin, nigh a's glan tú féin a's ná bí id chiolmamúta lán d'fhéasóig gan taithneamhacht: id dhuine ghránda gan meónamhlacht. Níor chuir a mhuinntir a aithreachas riamh díobh nár leig féachadh iarbháis air mar níor fhág sé a n-aigne ná gur ciolmamúta do deineadh air an oidhche úd do fuaireadh marbh é: mí-imirt, feall nó feile-ghníomh. Ciolamamúta atá dhá déanamh air gan é d'fhágaint san mbeart 'n-ar chaith a athair a shaoghal agus go bhfuil féin i gcumas a dhéanamh: éagcóir mhór. Chuadhas in urradhas air oiread agus chúig céad púnt, ach pingin ní íocfadh sé, nár

chiolmamúta an bheart do é: éagcórach: mícheart. Imeartar ciolmamúta ar chaipillibh ráis, tugtar cogus dóibh gan fhios a bhaineas dá dtreóir: míchleas, mí-imirt.

ciolrathadh: *f.* (*-thta*) gliogairnéis chainnte, claibéis, cabaighneas, bras-gal. Ní stadann an tseanbhean ó mhaidean go hoidhche etc. ag ciolrathadh, ag fagháil locht ar go haonnidh do dheineann an t-aos óg: ag déanamh cainnte gan puinn deallraimh. Chaithfeadh sé an lá ar fad ag ciolrathadh ar an mbealach lé "Tadhg an Bhóthair", gan suim i ngnóth ná i gcúram aige: ag cainnt ar nidhthibh seafóideacha an uair is mó budh cheart do bheith gabhtha lé cúram. "Ciolrathadh is fearr atá agat", ars an té a bhí ag obair leis an té a bhí ag órdughadh air agus eisean díomhaoin: cabaighneas: cainnt nár chosain faic air.

ciomach: *f.1.* duine neamhghastamhail, breilleach: leadhbóg, slaprachán, stráille, sruimileálaidhe, bambairne, cábóg, clabhta, breillice. Mhuise, an ciomach bocht, aonne go mbeadh aon fhuaimeant ann ní thógfadh sé aon cheann de mar nár thug Dia puinn meabhraidheachta dho: duine ná bíonn róchruinn tré easbaidh éifeachta. Ciomach nár thuig a gnóth dob eadh í mar ná raibh aon taithighe aice agus dheineadh gach gnóth mícheart: cailín (bean) neamhghasta. A lithéid sin de thigh lé salachar agus neamhghastacht ní bheadh ag neach eile ach ag ciomach: duine gan gastacht ná críochnughadh. B'fhearamhla dhóibh go mór leigeant don gciomach gan urchóid ná bheith ag cleithmhagadh fé: duine ná raibh aon ghliocas ann. Seachain, a chiomaigh, dá dtugthá tamall eile id chodladh b'fheárrde do shúile é! a leadaidhe: duine mall, díomhaoin, liosta: fuairthé.

cion: *f.3.* grádh, gean, gradam, meas, cumann, combáidh, cáirdeas, taithneamh. Bheadh cion do chroidhe agat do nuair bhí sé 'n-a aosánach, budh dheacair leanbh mar é d'fhagháil: gradam: grádh: leagadh agat leis ná beadh lé leanbhaidhibh eile. Níl aon iomrall ceana eadrainne araon, ní lugha a mheas san ormsa ná mo mheas-sa airsean: cion imighthe amugha: níl aon teasaidheacht againn dá chéile: is beag aige me agus is beag agam é. "Ar mh'anam go bhfuilim i ngrádh óm chroidhe léi" – "sin é an cion gan gradam": an grádh ná fuil cómhchomaoineach. Dá mbeadh aon chion agat do ní bheidhfeá ag itheadh na feóla fuaire air: aon mheas agat, ní bheidhfeá ag suainseán air. Duine aithnideamhail go bhfuil cion na ndaoine air: taithneamh aca do: na daoine a bheith leagtha leis, agus taobhach. Mo chion thu! táir goirtighthe: mo ghrádh istigh im chlí thu. Idir thuaith agus Bhaile Mhór lean cion na ndaoine é, gur bheag mhaith d'aonne aonnidh a rádh n-a choinnibh: cumann: an chombáidh nó an mhotháilt a dhlúthuigheas daoine lé chéile. Níl aon chion mar chion na máthar: an leagadh a bhíos ag an máthair lé n-a clainn níl aon chur-síos air lé díoghras agus buaine. Ní miste mo chion ort tú do thabhairt cómhairle mo leasa dhom: ní luigheaduigheann sí an cumann atá agam duit. An ainm cheana atá ag na daoinibh orm – 'An Cóta': lé leagadh liom do thugaid an ainm sin orm. Ara, náire chuige, ní focal den gcainnt aige ná fiosrughadh carad ná cómharsan, is ann ná fuil an cion: teasaidheacht: motháilt truaighe taise ná leagtha lé haonne a mhaireas: duine leithreachaiseach. Cuireann an rachmas cion ar dhaoinibh ná cuireann an bhochtanacht: bíonn meas nó taithneamh (go minic) dóibh seo go mbíonn an rud aca (toisc é bheith aca) ná bíonn dos na bochtaibh. Is clos dom go mbeidh muinntir Ghuithín ag imtheacht go lár na hÉireann, ach níl cion na fírinne agam air: ní mheasaim gur fíor é.

Ní raibh cion máirnéalaigh farraige aon lá riamh air ag daoinibh eile dá mhéid gaoithe móire a bhí aige féin as a ghaisce uirthe: an meas nó an teist gur mharaidhe maith é. Fuair sé cion saighdiúra agus b'olc an ceart san b'é an meathtach é: b'é teist na ndaoine gur shaighdiúir é. Is milis an rud an t-anam, bíonn cion ges gach aonne air: is dianmhaith leis gach aonne gan dul i gconntabhairt bháis. Gura breágh an lá báis do é a's gura maith an mhaise dá anam é. B'é Seán an cheana é: Seán grádhmhar go raibh gach aonne buidheach de, a's taithneamh aca dho. Dírigh do dhrom leis an obair maran agat atá an cion ort féin ná déanfadh rud éigin: an iomad leagtha a's léighe agat léd chnámhaibh. Má tá cion ag aon duine ar scilling, tá aige uirthe: sprionnlóir: is é an scian tríd an gcroidhe aige scaramhaint lé hairgead. Caith amach an cárta san, nách agat atá an cion air: nách deacair leat scaramhaint leis. Lán tighe de leabharthaibh atá aige, agus ní leigfeadh an cion do scaramhaint le ceann aca: an dlúthchongbháil atá aige ortha. Bíodh cion agat ar an bpúnt san anois, agus ná caith ar bóiléagar aon chuid de: bí coigealach air: déin caomhaint air: bí 'spárálach' air. Bíodh cion t'anama agat ar do chapall ar bhóthar fhada an-aithnid: bíodh oiread aire agat ghá thabhairt do agus bheadh duit féin. Ón dara dreas amach bhí gach buile lé n-ár ndórnálaidhe-ne ag dul i gcion ar a bhfear san: ag dul 'n-a luighe air. Chuaidh na dathacha diaill seo i gcion orm fadó riamh im shaoghal, d'fhágadar gan lúth gan luadar me: chuadhadar 'n-a luighe go daingean orm. Téidheann gach aon droichshíon i gcion ar an seanaois: brathann sí an uile drochchor aimsire. Chuir sé gach aon chúig chainnte i gcion ar a lucht éisteachta nár oscail duine dhíobh a bhéal 'n-a choinnibh: gach nidh dá ndubhairt chuaidh abhaile ortha. Seanthigh seadh anois é go bhfuil gach aon nidh ag dul i gcion air: gach aon ruda ag cur as do: ag déanamh máchaile dho. Is teann láidir atáir, is beag atá an t-aos ag dul i gcion ort: ag déanamh díthe dhuit. Dá mhéid an droichmheas a bhí ag teacht aice air is ag dul i gcion uirthe do bhí sé: is ag méadughadh a bhí a ghrádh uirthe. Cuirfidh an t-ólachán ó chion thu mar dhein sé leis gach aonne riamh, iad d'fhágaint gan chuid gan sláinte: millfidh sé thu: déanfaidh sé do dhíobháil. Cuireann an cómhartha cille atá ar a haghaidh ó chion í, tugann sé cuma ghránda uirthe, a's budh ghleóidhte í mara mbeadh é: ath-chumann sé í: deallramhuigheann sí míochuibheasach dá chionn. Is mór agam-sa thu, a leinbh, tá cion a's caithis agam ort: lán de ghrádh ort.

cion: *f.3.* (*iol.* cionta, cionnta) locht, coir, iomarbhas, peaca, antoil, drochchlaon. Gaibh agam, a chara, shatalas ort, sé mo chion-sa é: is orm-sa atá an locht. Níor bh'é cion aonne gur bádhadh an bád, bhí an fharraige rómhaith dhi: níor bh'é dearmhad aonne é: neamh-chríochnamhlacht: máchail: ainimh: toibhéim: cáim. "Maith dhúinn ár gcionta mar mhaithimíd-ne do chách a chiontuigheas 'n-ár n-aghaidh": ár mbearta targabhála: ár n-éigcearta. Dubhart leis go raibh drochbhóthar roimis chun gluaisteáin, agus aire na fola do thabhairt do féin, ach níor dhein sé rud orm, sin é i dtionóisc anois é, agus tá cion a dhearmhaid aige: tá díolta aige as a neamhairighe. An té ná glacann cómhairle agus go n-éirigheann de bíodh cion a dhearmhaid aige: fuilngeadh sé más mísheól do. Thug sé srian do féin n-a óige agus tá cion a dhearmhaid anois aige, é beó, bocht, gan aonne a bhéarfadh lámh leis. Tá cion a dhearmhaid a gceart aige: an cúiteamh a bhí tuillte aige fachta aige: ní h-aon truagh a lithéid a thugas droichcheann dá chuid. Níl faic fachta aige, dá olcas íde do tugadh do, ach cion sa chion, é mharbhughadh as fhuil fuar, mar dhein sé féin an rud céadna: an cúiteamh do thabhairt do do thug sé uaidh. Is é cion is mó gheóbhainn féin ar Chorcaigh, a fhliche: an locht is mó.

cion: *f.3.* (*iol.* ceana) cuid, roinnt, smut (de), cantam, cáin. Troidfead mo chion féin in aon áit gan chabhair aonne faid agus bhíonn an ceart agam: ar mo shon féin: chun an méid atá ag teacht chugham le ceartas do bhaint amach. Roinn amach an t-airgead san ar a bhfuil láithreach agus bíodh a chion dlistinneach féin ag gach nduine, ná bíodh fé ná tharais: an roinnt nó an méid atá ag dul dos gach nduine. Bíonn cion fir de gach nidh a bhíos ar siubhal aige, soláthraidhe maith tighe seadh é: cuid, mír – go mór mhór de rud go mbeadh cómh-bhuannacht ag beirt nó breis air. Ní bhfuair an inghean dob óige a cion de strus a h-athar: a cuid dlistinneach dréir dlighe oidhreachta. Roinntear an t-iasc (an t-airgead, an talamh etc.) eadrainn triúr cion ar chion: 'n-a chómhchodaibh: an oiread céadna do bheith ag an nduine againn. Déineadh ceana beaga den dtalamh annso, mar bhí an iomad chuige agus d'fhág san bocht iad: coda beaga: míreanna ar a roinnt. Mo thuairm, má mhairim leis, gur in Áth Cliath a bhéas mo chion den Nodlaig agam: gurb ann do chaithfead cuirm na Nodlag. Ní ceart d'aonne a ghaibheas cion duine bheith ag gearán: oiread agus gheibheann aonne: oiread agus bhíonn ag teacht chuige dréir cirte agus córa: an oiread a bhíos tuillte aige. Fear eile anois ar na builg (cheárdchan) tá mo chion agamsa: tá m'uain friothálta agamsa. Buaileadh cion trom ar an gceanntar ambliadhna toisc a bhfuil d'oibreachaibh fuascalta ar siubhal ag na daoinibh: cáin: íoc leagtha nó buailte ar na daoinibh ag an lucht ceannais nó an dream go bhfuil ughdarás aca chuige. Bímíd ag gearán gurb ar ár gconntae atá an cion is truime in Éirinn: an cháin: an t-íoc chun díol as fóghnamh poiblidhe. Beidh an cion trom ar an dtoghadh aige dar leis, a thuairm gur beag guth gheóbhaidh a chóimhéilightheóir: an furmhór. Imthigh, a mhadra, tá do chion fachta agat: do chuid bídh: an méid is fiú thú nó an méid atá ag dul duit. Cion beag do shroich me: ní bhfuaireas ach an chaolchuid: níor bh'fhiú an méid do fuaireas d'áireamh. Ceal goile atá ag teacht leis, ní íosfadh sé cion leinbh de bhiadh: fíorbheagán. "Cad é do chion den tseilg?" ars an leómhan leis an sionnach – "an cloigeann", ars an sionnach go glic: cad é do bhall, do mhír, do mháille. Ní mór a chion d'aonnidh (de bhiadh na talmhan etc.): ní duine sanntach é. Níl a chion sainnte ar an soc san: níl a dhóthain cromtha 'n-a rinn amuigh chun dulta i dtalamh. Cuir a cion té ar an bpota nó ní fiú é d'ól, ní bheidh ann ach uiscealach: a cheart: an méid is gábhadh dho chun té maith do dhéanamh. Fuair sé a chion saoghail, aonne a mhair go dtí na cheithre fichid: saoghal fada a dhóthain d'aonne.

cíonádh: *f.1.* (**ceann-mhádh?**) (*iol.* cíonaidhthe) an cúig ar chártaidhibh, an mádh is fearr ar a haon déag ar fhichid etc.: an mádh is aoirde, an duine, an t-ainmhidhe etc. is fearr: taoiseach, flaith, ceannródaidhe Séarlas. Buaileann an cuireata an t-aon nó an t-aon 'en hart, agus buaileann an cíonádh ceachtar díobh. "An rabhais i gcuideachtain mhaith?" – "bhí cíonádh na bhfear in ár bhfochair": an fear is fearr d'fhéadfadh do bheith. Má budh chíonádh treóraidhe riamh cíonádh dob an Peáirnéalach: toghadh treóraidhe: fear tar fhearaibh. D'ainmnigh sé amach cíonáidhthe (fear) na hÉireann: na fir éachtacha a oibrigh a's a throid ar son na hÉireann. Tá cíonádh an aonaigh ceannuighthe agat: an t-ainmhidhe is fearr ann.

cionán: *f.1.* (**ceanán**) buidheanach, peata, dalta, laogh, múirnín, "gearrcach béil". Mo cheanán tú, codail id chliabháinín gan díth, gan dochar: a leinbh ionmhuin: a laoigh bhig go bhfuil mórchuid grádha agam duit. Mícheál, ceanán na clainne gen-a mháthair, b'fheárr léi lúidín a choise 'ná a gcorp! is do san atá a grádh ar fad. Sé 'scríobadh an

chrúiscín' é agus mar sin is é ceanán an tighe é: an duine is déidheanaighe do saoghaluigheadh den gclainn agus is é leathchuma gach aonne é.

cionmhair: (**ceanúir**) *b.5.* (**cionmhaireacht** *b.3.*) cuid, roinnt, dúthracht do dhuine nó d'ainmhidhe san ndéanamh do gheibheann sé. Dá bhfaigheadh an bhó san cionmhaireacht bheadh breis bainne aice: breis phunann choirce do thabhairt di nó mar sin: déanamh tar a cion do thabhairt di: dúthracht. Chuir sé fé i dtigh maith mar a bhfaghaidh sé cionmhaireacht (ceanmhaireacht) i ndeireadh a shaoghail: beidhfear aireach air agus go maith dho toisc a sheandachta nó aindeise éigin eile.

cionnluas: (**ceannluas**) *f.1.* corracht: luathinntin. Madraidhe ná raibh iontaoibhe sa tsneachtadh i bhfad na haimsire dob eadh iad lé n-a gceannluas níor bhfeas duit cathain raghaidís ar stailc: tugtha dá n-aigne d'atharughadh. Ná tagadh eagla ná ceannluas anois ort, ná léim sa tsuathadh go mbeir cinnte ded ghreamannaibh ar an dtalamh: neimhdheimhnightheacht: cinneadh grod gan féachaint rómhat a's tharat. Ceannluas a chaill é, dá bhfanadh sé gan é féin do chaitheamh as an ngluaisteán ní imtheóchadh mágáine air, in ionad a mharbhtha mar thárla: dá mbeadh foidhne aige agus gan beartughadh roim mhachtnamh. D'imthigh muinghin gach aonne as, an aigne go mbeadh sé indiu air ní go mbeadh sé ambáireach air. Níor oir a cheannluas dóibh: luathinntin(eacht): ceal dearbhachta.

cionnta: *f.4.* coir, locht: peaca, éagcóir: cúis, ócáid. Gur pheacuigheas "tríom chionnta, trím chionnta go rómhór": lem lochtaibh móra féin. Cheileabharas ach tríd chionnta-sa dob eadh é, mar ní fheaca go soiléir an cárta do chaithis: b'é do locht-sa é. Cúisigheadh go héagcórach é i gcionnta fir eile, ach b'fhearr leis é d'fholach ná scéitheachtaint: i rud a bhí déanta as an slighe ag duine eile: i gcoir dhuine eile. Cuid dá chionnta féin dob eadh gur goirtigheadh é, budh cheart do ar a shon féachaint an iomcharóchadh an clár a mheádhachtaint sara ndeaghaidh sé n-a threis: ní h-ar olcas an chláir budh cheart an milleán ar fad do chur. Ó ná fuil sé ráidhte ón seanreacht go ndíolaimíd as chionnta ár sinnsear: peacaidhe na ndaoine a chuaidh rómhainn. Cuireadh cionnta bréige 'n-a choinnibh, ach a thúisce a's chruthuigh sé ionad éagmais scaoileadh saor é: cúis éagcórach: rud nár bh'fhíor. Siar go dtín uain gur cuireadh chun báis é ní admhóchadh sé a chionnta má b'é a chionnta é: coir: gníomh in aghaidh dlighe na talmhan a's na daonnachta. Tugtar peacaidhe ar ghníomharthaibh in aghaidh aithne creidimh; tugtar dubháilcidhe ar ghníomharthaibh in aghaidh riaghalach an cheartais; tugtar cortha ar ghníomharthaibh in aghaidh dlighthe na dúthaighe. Do dhóghaidh a chionnta an cogubhas istigh aige de ló agus d'oidhche gur ídigh sé é féin: na nidhthe a bhí déanta in aghaidh Dé agus duine aige do ghnáthuigheadar a inchinn gur bhaineadar a mheabhair shaoghalta dhe.

cionntach: *a.* malluighthe, coireamhail: coir do bheith déanta ag duine, gan bheith urchóideach, ionchúise cora: milleánach. Níl neach gurb eól do bheith malluighthe ann féin ná go bhfuil cionntach 'n-a shúilibh féin: coireamhail: go bhfuil gníomhartha corra déanta aige. Pé hé atá cionntach i ngoid mo chasóige nár mhairidh lé n-a caitheamh muna n-admhuigheann a choir: an té go bhfuil coir na goda air: an té a dhein í. "Is minic ciúin cionntach" (seanfhocal): an duine ná bíonn focal as agus gur dhóigh leat ar a

dheaibreachaibh gur bh'fhíréan é, is minic minic gurb é go mbeadh rud déanta as an slighe aige. Cé hé a bhíos cionntach i bpeaca, seachas an té a dheineas é? – an té a aontuigheas, a mholas nó a cheaduigheas an peaca do dhéanamh: go mbíonn an peaca air: gur bun é leis an bpeaca chómh maith díreach leis an té a ghnidheas é. Daoine cionntacha dob eadh an dream, is cuma liom cad é an ghné chreidimh é, a dheineadh eachlann d'eaglaisidhibh: daoine malluighthe: daoine go raibh coir throm ortha. "Táthaoi ann go neamhchionntach", deirtear lé seódh lé duine ná bíonn mórán cainnte aige. Fuairtheas cionntach i gcoir mharbhtha é agus daoradh chun a chrochta é: b'é tuigsint na ndaoine (nó an duine) a thásdáil é i gcoir mharbhtha gurbh é a rinne an choir. Cionntach nó neamhchionntach tuitfir liom: cúis a fhéadfainn nó ná féadfainn do chruthughadh id choinnibh beidh a sásamh agam asat. Níor mheastamhail breith ar dhuine i rud chómh cionntach le bheith ag suainseán ar do chómharsain: milleánach: ilbhéime: i rud mícheart do dhuine do dhéanamh. "As an gcoir go bhfaigheann dháréag ded chómhthíorthachaibh cionntach tú, sé sin marbhadh, daoraim chun do chrochta tu": an choir gur tú is bun léi.

cionntach: *f.1.* duine daortha i gcúis cora: duine malluighthe: peacach, droichdhíobhálaidhe. Sheasaimh an cionntach a's a aghaidh ar an mbreitheamh aige faid agus bhí seisean ghá dhaoradh chun báis: an duine gur cuireadh cúis 'n-a leith agus go bhfuairtheas. Idir chionntach agus neamhchionntach do scrios Dia an chathair lé díbhfeirg, toisc ná raibh an áirighthe sin daoine ionraice lé fagháil innte: na daoine go raibh agus ná raibh cortha déanta aca. Bhíodh slinnte dhá bhriseadh ar scoil gach aon lá agus is dócha go rabhas im chionntach chómh maith lé duine: gur bhriseas slinnte, leis. Tógadh me agus, gan aon tásdáil deineadh cionntach díom i gcoir ná raibh lámh ná ladhar agam: daoradh me: cuireadh im leith agus dubhradh gur me do dhein í gan fiosrughadh ar bith do dhéanamh. Lá an Luain seasóchaidh na fíréin ar dheisláimh Dé agus na cionntaigh ar an láimh chlé ar an sliabh ar mbreith do thabhairt ar an gcineadh daonna: na daoine ionraice fóghanta ar dheis agus na daoine urchóideacha, droichbheartacha, daortha damanta ar chlé. Cionntach éigin ná fuairtheas amach riamh a bhíodh ag scríobh leitreacha bagartha chun an fhir do channtáil an talamh: duine a dheineas rud as an slighe: gníomh go gcaithfeadh sásamh do thabhairt do dhlighe na talmhan ann do nochtí é. "Cé bhris an scáthán?" – "mise, an cionntach": mise a bhris é.

cionntacht: *b.3.* d'aiste bheith cionntach, briseadh dlighe go fiosrach. "Dá mbeadh sé im chumas an lasc do thabhairt duit" ars an giúistís liom, "dhaorfainn thu deich stiallanna do thabhairt duit as do chionntacht in éigean an chailín sin": gníomh gur fios bheith i gcoinnibh dlighe Dé agus duine: aontadh na tola agus é de rogha aice gabháil leis an ngníomh i dtreis nó a sheachaint. "Budh mhó cionntacht an té a cheap an choir ghránda seo ná an té a dhein í" ars an breitheamh, "agus dá bhfaighinn os mo chómhair é ní raigheadh sé róshaor": is é is mó is bun léi: is air is mó atá cúis mhilleáin.

cionntughadh: *f.* (*-uighthe*) cúisiughadh, milleánughadh, d'iarraidh duine do dhaoradh in aithis, i masla, in oilbhéim: imdheargadh: díbhearg do chur ar. Bheith ghom chionntughadh-sa i rud do dheinis féin d'fhonn mé do bhriseadh as mo chuid oibre: d'iarraidh rud do chur im leith agus do chur 'n-a luighe gur me budh bhun leis. Nuair d'éirigheadh aon dochar dos na dubhchrónaigh d'imthighidís fiadhain ag cionntughadh gach aonne ann, ghá rádh "'tusa', 'sibhse' a dhein é seo nó is bun leis": ag cur milleáin an

dochair ortha agus ag baint sásaimh díobh as. Ag cionntughadh in aghaidh Dé seadh bheith ag cleithmhagadh fé dhall: ag déanamh cora in aghaidh Dé: ag déanamh gnímh míchirt: gníomh gurb eól d'inntin an duine nách cóir ná ceart do dhéanamh. Ní ghod chionntughadh sa ghníomh atáim in ao'chor, ach ghá fhiafruighe dhíot cá rabhais ar an uain, d'iarraidh eólais éigin d'fhagháil ar an gcoirptheach: ní ghá chur id leith atáim gur thú do dhein ná bheartuigh an míghníomh.

cionntuighim: *b.a. 7 n-a.* peacuighim, cúisighim, táim daor, cuirim i leith, daoraim. Ar an dtríomhadh tásdáil seadh do cionntuigheadh é i gcoir mharbhtha a mhná: sin é uair do daoradh é: an uair gur foillsigheadh nó go rabhthas sásta gur bh'é a mhairbh a bhean agus gur cuireadh chun a chúitimh é le bás nó ullmhughadh cuibhe éigin eile. Maith dhúinn ár gcionnta mar mhaithímid-ne do chách a chionntuigheas 'n-ár n-aghaidh: don uile dhuine a dheineas díobháil, dochar, máchail, foghail nó gortughadh cuirp, cumais nó clúidh orainn. Chionntuigh sé, as a óige, le hinghin a chómharsan a's ní gheóbhadh a mhuinntir leis an ngein: chlannuigh sé í: chumaisc sé í. Chionntóchadh an diall drochamharastamhail san thu i rud a thuitfeadh amach na mílte ó bhaile: chúiseóchadh sé thu: bheadh sé d'iarraidh tú do nascadh leis ar shlighe éigin. B'é amhras gach aonne go gcionntófaí é mar bhí na fínéithe go léir ag dearbhughadh go láidir 'n-a choinnibh: go bhfaighfí daor é: go bhfoillseófí gur bh'é budh bhun leis an gcoir nó an gníomh do cuireadh 'n-a leith. Chionntuigh sé féin é féin: as a bhéal féin do daoradh: tugadh an bhreith air mar gheall ar a admháltas féin. Bheinn cionntuighthe aige mara mbeadh gur chuireas ar a shúilibh é gan a rádh go bhfeaca sé me agus na hearraidhe do goideadh im sheilbh: dhaorfadh a ndéarfadh sé me gan choinne aige leis. Chionntuigh sé le mnaoi an tighe agus a fear as baile: bhí cuid aige dhi: chumaisc sé í.

cionntuighthe: *a.r.* daortha. Mo thruagh an duine cionntuighthe i rud náireach mar pócaidhe do phriocadh: an duine go gcruthuightear air go ndeárna sé a lithéid. Bliadhanta ó shoin cuirtí thar lear lé n-a saoghal daoine cionntuighthe ar an gcoir budh lugha: daoine a bhíodh daortha ges ndlighe.

cíor: *b.5.* an stuaic nó an struicín ar cheann éin; na fiacla uile; sraith (fhiacal, chloch etc.) go mbeadh searra innte, feimín, mullach, sprochaille; gléas chun na gruaige do shocrughadh agus do réidhteach. Is fada ó n-ár sinnsear sinn a thug a gcíor (gcír) fiacal síos 'on uaigh leó: an tsraith fhiacal fé mar bhíodar lánfhásta gan diachair ná máchail. Beidh cnagarnach ged chír nuair bheir ag cogaint an aráin chruaidh seo: fiacla maithe, láidre, faobharamhla. Leathadh cír chloch ar an mbóthar a ghearrfadh a bhfuil d'fhorraidhibh robair as so go B'l'Áth Cliath: clocha lán de bhioraibh agus d'fhaobhar. Bóthar níos measa 'ná é ní bhfaghfá, tá stacáin 'n-a gcír tríd aníos: clocha géara caolbharracha mar bheadh fiacla i gcír cinn (gruaige) nó i dtreasc nó na searra ar cheann coiligh. Cíor mheala: na cealla beaga go mbíonn an mhil i bhfolach ag na beachaibh ionta. Cíor mhullaigh an tighe: an "cnámh droma" arduighthe ós chionn na buaice chun an fhliucháin do leagadh le fánaidh ar gach taobh. D'éirigh a chír air nuair tugadh easmuilt do: tháinig fearg air. D'éirigh a chír le háthas a's tóirtéis nuair moladh é: tháinig meanma air. Dhein na leanbhaidhe círtuathail (cilltuathail) den dtigh faid bhí a máthair amuigh, leagadar áruistidhe, chuireadar rudaidhe amugha etc.: chuireadar gach aon rud in achrann a's trí chéile: gach aon rud ar mío-órdughadh. Is fada 'n-a cír (cill) tuathail ag an

mbás í: tá an oiread san léi slogtha gen mbás go bhfuil sí ar mearbhall aige: suaidhte. Dá achrannaighe bhí an imirt ar seisear beidh an chírtuathail ’n-a dhíorguargail ar dul don ochtar ag imirt: is in aimhréidhe agus i mearbhall bheidh gach aon rud ag dul. Tháinig faithínidhe chómh flúirseach san orm go rabhadar ’n-a gcír mar bheadh cloch scáil: tiugh ar a chéile agus ’n-a seasamh géar mar bheadh fiacla toirisc. Cor ní fhéadfá do chur ded chois ar an gcarraig, tá sí ’n-a cír: spiaraidhe géara tríthe anáirde. “A déid mar chailc ’n-a dlúthchíor gan smúit bhí go néata i gcóir”: fiacla ag fás chómh dhlúth geairrid dá chéile a’s bheadh fiacla i gcír cinn.

cíorach: *f.1.* troid láimh ar láimh: dlúththroid. Shuadhadar a chéile go mór lé brógaibh ins an gcíorach achrannach a bhí aca san áit chumhaing: brughtam agus láimhseáil. Ráinig an chaid cois an chlaidhe san díg fhlich agus ins an gcíorach a bhí ag gach aonne d’iarraidh do bhualdh cuireadh m’alt as ionad: útamáil a’s stracadh a’s iomlosc. Níor thúisce shuidh an cathaoirleach sa chathaoir ná tosnuigheadh ar cheisteannaibh do chur air nár thaithnigh lé n-a chúlaistínidhibh gur éirigheadar chun a chéile i gcíorach gur dhóirneáladar a chéile ó thalamh: bruidhean theann, mheasctha, doscaoilte.

cíorach: *a.* ar nós cíorach: fiachlach: spiarach: éirightheach agus clasach diaidh ar ndiaidh. Úirlis chíorach seadh toireasc: ar nós cíorach, éirghe géar agus annsan clais dhoimhin. Barra Liath ar an gceann thuaidh d’Inis Tuaisce(art), tá sé cíorach: fiaclach: in achar budh dhóigh leat gur toireasc é an déanamh atá air. Éan cíorach seadh coileach. Carraig chíorach go mbeidhfeá ag dul ceangailte i mionscoilteachaibh agus spiaraidhe géara ag dul suas trí bhonnaibh do bhróg: carraig gharbh, mhéiscreach. B’fhearr liom gan teanga chíorach na mná san do tharangt orm: ní fhágfadh sí thíos ná thuas orm é: teanga ghearrtha, teanga go bhfuil faobhar gonta uirthe: neamhchaomhainteach. Thosnuigh páipéir Shasana annsan ag scríobh go cíorach ar bheatha an Peáirnéalaigh agus fuaireadar, fairír, tacaidheacht annso in Éirinn: ag cuardach dóigh agus andóigh, árd agus íseal d’fhéachaint an bhfaighidís amach aon rud easmailteach ’n-a bheatha. Scrígh sé alt cíorach sa pháipéar im choinnibh nár fhág sé aon rud budh dhóigh leis a dhéanfadh mo dhíobháil ameasc mo lucht aitheantais nár thagair do: alt gearrtha, nimhneach, drochaigeanta.

cíoradh: *f.* (*-rtha*) réidhteach lé cír mar deintear gruaig, slámadh, réidhteach, tagairt, suathadh, suainseán. Ar feadh na hoidhche go maidean gheal caitheadh ag cíoradh cad budh cheart do dhéanamh leis an airgead, monchra do chur ar bun nó caladh do dhéanamh san áit: ag cur a’s ag cúiteamh: ag scrúdughadh a’s ag cur trí chéile. Níor bhuail sé liom riamh ná gur ag cíoradh na ndaoine do bheadh sé ag tromaidheacht ’sag lochtughadh ortha: ag tabhairt drochcháile ortha: gan a gceart do thabhairt san gcainnt do bheadh ar siubhal aige ortha. Thug sé an oiread san cíortha dhom i dtaobh a chuid earraidhe do thabhairt ar cáirde, a’s mé mar chléireach aige, gur scannruigh sé mé leis na hainmeachaibh do thug sé orm: íde bhéil: milleán gan tuilleamh: bearradh teangan. Aithis bheag mhná go raibh teanga nimhneach aice gurbh é a taithighe bheith ag cíoradh a cómharsan laistiar díobh: rudaidhe ná raibh ceart ná fíor dhá chur ’n-a leith aice: ag nochtadh a locht go neamhthruaighmhéileach a’s gan chúis. Tréis an chíortha go léir dubhairt duine a bhí n-a thost ann de chionn focail – “an rinne an fear so atá dhá iomcháineadh agaibh faic as an slighe ar aonne agaibh riamh?”: an lochtughadh an

milleánughadh an ceann síos 'san tromaidheacht tar cailc ar fad. "Dar liom", ars an t-uachtarán leis an gceann cómhairle, "go bhfuil an cúrsa so cíortha go maith anois againn agus nách misde a chur fé ghuth na Dála, ó tá fuighleach ráidhte ag gach aonne 'n-a thaobh": criathartha, scrúduighthe lé hargóint. An rud a bhí uaidh lé fada, achrann a's easaontas, tá a dhóthain aige dhe anois, a's leig do a chíoradh mar shlám sé é: fé mar thairng sé air rud tagadh sé as [slámtar an olann .i. tairngtear as a chéile í agus annsan cíortar í i gcóir a sníomhtha]. Cad tá ghod chíoradh anois, chidhim go bhfuil stad tagtha ionat, an aon rud atá rómhaith dhuit? ghod chiapadh: ghod chur trí t'ughamachaibh: ghod chur trí chéile. Thug Arm na Poblachta cíoradh maith do riaghaltas Shasana in Éirinn, is iomdha réamhaireachas ar chonntabhairt dob éigean dóibh do dhéanamh agus nár éirigh leó: clipeadh, ag crádhadh iad agus sáruigheadh iad. Dá mhéid cíortha fuair an ceanntar d'iarraidh beartha air agus bráighe do dhéanamh de, idir chnoc a's ghleann a's scairt a's poll ní tángthas suas leis: cuardach mion, dian. Dá gcaiththeá do shaoghal ag cíoradh an cheanntair ar lorg na háite don ór a foluigheadh ann ní bhfaghfá é: ag lorg go dian, dícheallach i ngach áird. Chonnaic sé an bhurdhuach ag cíoradh a cinn lé cír airgid: ag réidhteach: ag scaradh 'sag síneadh na ruibidhe ó n-a chéile. Bhíodh feidhre cárdaidhe gem mháthair ag cíoradh na holna: ghá slámadh: ghá réidhteach, ghá scagadh ó n-a chéile a's ghá dhéanamh mín, sínte.

cíoradóir: *f.3.* duine a chíoras, nó a shlámas, nó a réidhtigheas nó a chuarduigheas. Cíoradóir mná dob eadh í gur thaithneamh leat roiléithidhe ag imtheacht dá cárdaidhibh: bean chíortha olna a dheineadh a gnóth go slachtmhar, ealadhanta. Dá fheabhas cíoradóra thu d'fhágais an leabhar féd chuardach sa tseómra: gidh gur loirgtheóir maith thu ní bhfuairis an leabhar agus é ann d'aimhdheóin an chuardaigh thréin do dheinis air. Dá méid réabadh thugann trollairidhe Shasana don mbannc (éisc) laistiar de Bharra Liath budh dhíobhálaighe de chíoradóiridhibh na Spáinnigh go mbeadh an cochall ag gluaiseacht idir gach aon dá bhád aca ar thóin poill: scriosadóiridhe, glantóiridhe. Níl aon chíoradóir coinínidhe is fearr ná firéad: is é is fearr chun iad do ruagadh as rapachaibh.

cíoráil: *b.3.* slámadh, réidhteach a's síneadh, crádhadh, suathadh, cur tré chéile. Ag cur oíle ar olainn agus ghá cíoráil seadh chaith sí a saoghal sa mhuileann: ghá tharang as a chéile a's ghá réidhteach chun a sníomhtha. Thug sé cíoráil do dhóthain duit, déarfainn nár bheag leat de, ar chéill an fhocail "mhúnga mhanngó": ciapadh, crádh: chuir sé míoghnaoi ort ag tafant ceistiúcháin ort. Istigh n-a cheall do sa charcar chaitheadh sé na tráthanna ag cíoráil a incheann connus beartughadh ar éalódh: ghá corruighe, ghá suathadh: d'iarraidh cinneadh ar ghluais éigin éaluighthe.

cíoraim: *b.a.* réidhtighim, slámaim, scagaim olann etc. as a chéile agus mínighim: tráchtaim ar: scrúduighim: crádhaim, ciapaim, clipim. Dubhart leat tu féin do sheachaint ar na daoinibh iasachta san, ach ní dhéanfá rud orm; is gleóidhte ar fad an mhias phraisce atá agat anois agus chómh fada lém chuid-se dhe cíor mar shlámais: ó chuiris chuige in ao'chor críochnuigh: réidhtigh do chruadhtan tú féin. "Mara bhfanair socair" ar sise go dorrdha, "cíorfad an cúl agat": tabharfad deamhasáil mhaith duit: gheóbhair ullamhughadh uaim. Cíoradh an ceanntar ó thóin ceann d'iarraidh céile d'fhagháil di do shásóchadh í, ach ní bhfuairtheas in aon bhall: cuarduigheadh go cúramach agus go mian. Chíor cabhlach Shasana (sin é deirtí) an mhuir bhraonach don Áid gan a tamhas ná a

tuairisc d'fhagháil: níor fhág pioc di gan cuardach a's séirseáil. "Is dócha go rabhthas ag cur síos orm mar is gnáthach" – "cíoradh go maith thu": bhítheas ag cur síos ort: ag trácht ort (go holc ná go maith b'fhéidir). Chíor sé ó thalamh thu mar gheall ar an slighe a theichis a's d'fhágas ina aonar: in áit chonntabharthaigh é: bhí sé ag itheadh agus ag gearradh ort, ghod cháineadh a's ghod dhímheas. Cíoradh na paróistidheacha dhuit chun imeartha, cad é an diall a bhí ort, ní fheadair aonne cá rabhais: cuarduigheadh árd is íseal, dóigh agus andóigh dhuit. Cíorfad thu a luaithe agus gheóbhad greim ort: tabharfad íde na muc a's na madraidhe ort: bead ghod mhilleánughadh a's ghod lochtughadh mar gheall ar nidh éigin. Cíoraimís an cúrsa so sara mbíonn a thuilleadh míoshásaimh 'n-a thaobh: criathruighimís é: scrúduighimís agus infhiúchaimís é chun sásaimh gach aonne againn. An sneachtadh, an fuacht tar meón, agus an ghaoth fheannaideach chíoradar an croidhe ag na fearaibh bochta: chrádhadar, chlipeadar agus chuireadar iomard ortha. Cíorair mo chroidhe an tslighe labhrair gan géilleadh do mhothóilt aonne agat: goirtighir go mór me: ciapann sé me: cuireann sé míoghnaoi orm: goilleann sé orm. Nách í atá go cíortha: nách í atá glan, priocuighthe, gléasta: nách í atá ionaonaigh. Bean ghlan, ghasta, chíortha dob eadh gach aon lá riamh í: ineallta, gléasta. Níor ghábhadh dho bheith leath chómh cíortha: chómh gléasta: 'n-a "gaige". Bheith leath chómh cíortha dhéanfadh sé an bheart: níor ghábhadh in ao'chor bheith suisiúrdha: chómh haibidh chun bheith ag fagháil locht ar dhaoinibh: bheith ghá n-imdheargadh ar a gcúl. "A chaitín an bhabha, dá mbeadh an cíor agam, chíorfainn do cheann": réidhteóchainn a's shleamhnóchainn clúmh do chinn. Tá an riaghaltas cíortha ó thalamh agat anois, dar leat, ach fós, d'aindeóin na locht curtha 'n-a leith níl aon chruthughadh déanta agat: séirseálta, cúisighthe. Chíorfadh sé ar neamhnidh thu tréis do mholta léd bhéal: thosnóchadh sé ag cúlchainnt 'sag cáineadh ort.

ciorcal: *f.1.* fáinne, boghaisín, fonnsa, ródh (troda etc.). Tugtar comhthrom don nduine iasachta: déintear ciorcal dóibh, fanadh gach aonne amach uatha agus tásdálaidís a chéile: déintear fáinne ar an dtalamh: rian comhchruinn agus troididís istigh ann. Chídhinn mná, im óige, ag dul go mullach Shléibhe an Fhiolair, canna mór bainne ar a gceann aca agus éadach 'n-a chiorcal fé: rolla déanta dhe a's é aniar tímcheall a n-éadan go suidheadh tóin an chana go ceart air. Ciorcail de chruaidh liochuighthe chídhinn ar shoithighibh oíle, den saghas céadna ar bhun a's barra soitheach éisc agus ciorcail de thuigidhibh láidre ar a mbolg. Cuirfead ciorcal óir ar do cheann, a Niamh: foinnsín nó céibhín óir. Ciorcal dob eadh gach ráth: déanamh comhchruinn do bhí ortha.

cíor-cáram: "Cíoram an olann so ambáireach" – "cíoram cáram" ars an fear. Sin deismireacht chainnte a chialluigheas neamhfhonn nó míchéadfa, mar déarfadh duine a bheadh cortha de chíoradh nó ná haontóchadh leis.

ciorcluighim: *b.a.* fonnsuighim, cuirim fáinne, tímchealluighim. Tá Caisleán Rátha Fhíonáin ciorcluighthe ag gearradh mór, doimhin mar chosaint: gearradh mór, doimhin do bheith 'n-a thímcheall. Ciorcluigh thu féin leis an gcrios so: cuir thar do chom aniar í. Breis fothana gen-ár bparóiste-ne toisc é bheith ciorcluighthe ges na sléibhtibh: timchealluighthe: iad bheith 'n-a bhfáinne tímcheall air. Ciorcluigheadh an áit lé claidhe mór, árd ná féadfadh duine ná ainmhidhe do chur de: cuireadh mórdtímcheall air é.

cíorghail: *b.3.* fíoch, buile, confadh, cuthach. Lá do chonnac Eas Niagara agus mo lá dóighte mara raibh cíorghail ag an uisce fé n-a bhun: sruthalam a's fliuchadh, sughadh a's itheadh a's bualadh. Ó Cheann Sraithe fairim cíorghail na farraige mar bhuaileann sí éirigheann os cionn a's scughann de Charraig na hAithbhe glas-uaithne gorm fraochda: mar ghluaiseann sí go tolgach, dochoiscthe. Nách ar na Feódhaibh a bhíos cíorghail na mara sa gheimhreadh nuair chídhfeá fiche míle ó bhaile í ag éirghe go fraochda, fíochmhar na céadta troigh san aer: suathadh fiadhain. Is í an eascú fharraige a thug an chíorghail di féin a's don ndoradha d'iarraidh í féin do scaoileadh den ndubhán: chas sí í féin ann go buileamhail. Ghluais an tuile, chloisinn mo shean-athair, Dómhnall, ghá rádh, ag cíorghail roimpe gan géilleadh do phort ná do chlaidhe, agus bhris amach a's dhein gleannta in áit ná rabhadar riamh roime sin: ag réabadh go fíochda gan faic dhá cosc.

cíorláil: *b.3.* útamáil, cur ar míriar, brughtáil, ósbairt. Cad é an chíorláil a bhí sa tseómra air, ag cur gach aonnidh tré chéile ní fhéadfainn do dhéanamh amach: útamáil: mar bheadh duine ag cuardach ruda áirighthe a's gur chuma leis cá gcaithfeadh sé na rudaidhe láimhseálfadh sé. Bíonn an cat san ag cíorláil ar an gcornchlár ar thóraidheacht bainne: ag dul ó pholl go poll ag leagadh rudaidhe nó gan bheith aireach ortha. Thug an fharraige an oiread san cíorlála don gcladach oidhche na stroime nár fhág sí carraig ná cloch ann gan árdach amach: suathadh mór agus tuargaint agus réabadh. An mbír ag obair dian an aimsir seo? – ag cíorláil liom. "Ar mh'anam", ars an garsún, "má bhuaidh an fhuireann eile an báire peile féin, nách mór é a maoidheamh mar thugamair cíorláil anacrach dóibh": suathadh: suaineáil: tuargaint: ní gan duadh aon rud do fuaireadar. Dá mbeadh ciall ag an mBeilg a's gan bheith i gcómhar leis an bhFrainnc a's lé Sasana ní bhfaigheadh sí an chíorláil do fuair ón nGearmáin: an stracadh, an scrios a's an bánughadh. Franncach mór groidhe dob eadh é agus caitín óg, agus ní fheacaís ach an chíorláil a bhí ar fuaid an tseómra aca lé chéile: an stathadh, an cómhrac, an greamughadh a's an scréachach. Fuair an tigh cíorláil ós na dubhchrónaigh gan pioc de d'fhágaint gan réabadh, cláracha an úrláir, bonn fuinneog, simnéithe a's uile: útamáil, cuardach gan géilleadh d'aon rud, rothaidhe ná eile. Bearraidh mo cheann agus ná bac an chíorláil: an suathadh: bheith ghá shuaineáil nó ghá chorruighe go ngoirtigheann. Thugamair cíorláil dhian don bhfocal, ach i ndeireadh na dála ní rabhamair sásta go raibh an bhrigh cheart againn: cur agus cúiteamh argóna ar an gcéill chirt atá leis. Peaca púcaidhe nó daoine beó a bhí ann dhein rud éigin an chíorláil do chuala: an glór neimhchinnte. Dá gcloisfá an chíorláil a bhí ag an mbroc a's ag an abhac san bpoll budh dhóigh leat go stollfaidís a chéile 'n-a ngéiridheachaibh: an dul tré chéile glórach. Cad é cíorláil a bhí ag carraigeachaibh an Bheannáin Mhóir aosa ó shoin, nuair bhrúchtadar aníos as an dtalamh: glór, cnagairt, a's fuinneamh, ag bualadh ar a chéile. Tá clódh maith tugtha ar an dtigh agaibh, níl aon bhaoghal ná go bhfuair sé cíorláil uaibh: glanadh agus scuabadh agus socrughadh. Tréis na cíorlála do fuaireas ó cheathrar aca, ghom bhrughadh 'sag gabháil orm bhí cnámha tinne agam: tuargaint. Lé seachtmhain aníos bhíos ag cíorláil le hiasc, ghá nighe a's ghá chur ar salann agus brathaim anfhuar ionam féin: ag gabháil de.

cíorlálaim: *b.a.* útamálaim, láimhseálaim go neamhshocair, cuirim tré chéile. Do chíorlálas istigh agus amuigh ar lorg mo hata, ach ní bhfuaireas amharc air: chuireas an áit ar fad tré chéile. Cíorlálfad an paróiste don uaireadóir do chailleas sara gcuirfead a hamhras díom: cuardóchad an uile áit sara mbead sásta ná fuil sé le fagháil. "Cad n-a

thaobh gur chíorlálais mo phóca?" – "ar lorg lasáin chun an tsolais do lasadh": gur dheinis útamáil tríotha: gur chuiris ar míriar a's tré chéile gach rud ionta. Cíorláladh go maith Ó Mathghamhna san gcor iomrascála gur treascaradh amach as an gcródh é a's go raibh srutháin fhola leis: suathadh go dian é: fuair sé tuargaint, ósbairt a's sáthadh a's stracadh. Cíorláladh an bád beag san oidhche leis an ngála anoir ndeas, go mb'éigean dóibh dul i bhfoithin Chuain Fhinn Trágha: caitheadh thall 'sabhus í: chuir olcas na hoidhche i nguais í. Chíorláil na bitheamhnaigh an tigh ó chúl fraigh, a's bhailigheadar leó aonnidh go raibh aon mhaith ann: ghaibheadar thríd, ag cuardach, gan géilleadh aca do throscán ná eile, a dtriall ar pé rud fóghanta a bhuailfeadh leó.

cíorlálaidhe: *f.4.* útamálaidhe, duine neamhshlachtmhar tímcheall oibre: duine a bhíos ar a dhícheall ach ná bíonn róchríochnamhail: cuarduightheóir díoghraiseach. Árdchíorlálaidhe dob eadh é, d'fhéadfá seasamh air biadh do sholáthar as áit éigin dos na fearaibh, mara bhfaigheadh ar iarratas é ghoidfeadh sé é: sárfhear chun cuardaigh. Fásan uaim go socróchad na leabhartha san, níl ionat ach cíorlálaidhe gan taithighe: duine a láimhsigheas rud go neamheólgaiseach. Ní ceart gearán in ao'chor chun oibre air ambaiste, cíorlálaidhe maith a dhóthain seadh é: déineann sé cosamhlacht oibre d'fhear gan tuairm. Is beag an cheannaireacht is gábhadh do thabhairt don mhadra san cíorlálaidhe críochnuighthe seadh é: soláthraidhe maith: madra ná stadann de chuardach go bhfaigheann a sháith. Cíorlálaidhthe cearta dob eadh iascairidhe Chlochair is annamh oidhche thagaidís gan seilg aca: fir a chuarduigheadh go dian agus ná spáráladh iad féin. Ruaig an cíorlálaidhe cait sin den gcornchlár nó leagfaidh a bhfuil d'áruistidhibh air: cat cuardaigh: cat foghla.

ciorrbhadh: *f.* (*-aidhthe*) marbhadh: giorra: luigheadughadh: milleadh: díth. Bíonn ciorrbhadh mór ar an oidhche Lá Fhéile Brighde: bíonn sí d'éis dul i ngiorracht. Nára ciorrbhadh saoghail (ar do shaoghal) an méid oibre atá déanta in aisce agat don té atá i nganntar: ná raibh aonnidh caillte agat leis maidir lé haimsir: go mbudh siade do bheatha an bheart mhaitheasa atá déanta agat. Ciorrbhadh ort! a bhodaigh, ná leigeann dos na boicht: díobháil ort! gura ghiorra do shaoghal é: dochar go dtagaidh dhuit. Ná raibh aon chiorrbhadh sláinte ort, mo ghuidhe dhuit, a fhir ghalánta: slán i sláinte mhaith go rabhair i gcómhnaidhe. Ciorrbhadh mór ar an obair seadh breis fhear do chur ag gabháil: is luaithe de a críochnughadh. Thugas chúig phúint don siopadóir as earraidhibh; as an mionairgead a bhí ag teacht chugham dhein sé ciorrbhadh deich scillinge orm: chongaibh sé an méid sin go mícheart orm. Tá an oidhche ag dul tar druim bímís ag ciorrbhadh an bhóthair abhaile: bímís ag gluaiseacht: toisc déidheannaidhe na h-uaire agus faid an turasa is mithid triall. Nuair chonnac im dhiaidh an marcach a's an fuadar go léir fé chromas ar chiorrabhadh ar mo chéim d'fhéachaint cad é an géibheann a bhí air: maolughadh ar mo shiubhal. Ag ciorrbhadh an tsiota do bhuail cóch an seól agus luigh an bád gur thóg sí uisce: ag luigheadughadh faid an tsiota: ghá tharang isteach ar bórd. Ciorrabhadh ar shaoghal aonne seadh dianobair agus droichbhiadh: ní mhairfeadh duine an gnáthaos dá ndeascaibh. Ciorrbhadh ar oidhche fhada seadh scéaltóireacht: ní mothuightear faid na hoidhche nuair bhíonn scéalta ar siubhal. Ciorrbhadh cabhrach ar an oifig beirt chléireach do thógaint aiste: cur siar cabhrach. Bíonn na múinteoiridhe scoile anghearánach ar an Riaghaltas toisc na ciorraidhthe a déineadh ortha 'n-a dtuarasdal: an gearradh nó an luigheadughadh a deineadh ortha. Nuair thuit cathair na Síneach leis na

Seapánaigh dheineadar ciorrbhadh chómh mór san uirthe gur loisceadar í a's nár fhágadar meidhil beó innte: rinneadar milleadh mór uirthe. Nuair thagann tonn d'aos dhuine tagann ciorrbhadh ar an radharc aige: ní bhíonn ann rudaidhe d'fheicsint róshoiléir. Ciorrbhadh ar Bhord na Sláinte seadh bás Cháit Ní Bhruighin: díobháil don gcumann san. I gciorrbhadh na haimsire bíonn an duine ag brath leis an mbás: ar mbeith don ngnáththréimhse ag druideam lé n-a críoch. Nuair chonnacas don gcaptaen go rabhadar i bhfad ó thír agus gan flúirse bídh aca rinne sé ciorrbhadh ar bhiadhthadh na bhfear: luigheaduigh sé an cantam budh dhualgas dóibh. Déin ciorrbhadh ar an gcapall san a's tairngeóchaidh sé níos fearr: gaibh níos giorra don dtrucail (céachda etc.) é. B'fhéidir go mairfeadh sé, ó tá sé ag ciorrbhadh leis chómh fada: ag breith (an anama) leis: ag maireachtaint. Teastuigheann leabhar áirighthe uaim chun mo chod oibre, is mór an ciorrbhadh orm bheith 'n-a cheal: cur siar mór. Ciorrbhadh ar do mhaididhibh, tá an iomad fuadair fút: beir fada air: ná bíodh an iomad deabhaidh ort: maoluigh.

ciorrbhaim: *b.a.* gearraim; bainim d'fhaid (ruda); aithghiorraim (scéal etc.); millim; críochnuighim. Chuaidh an lucht oibre ar stailc mar chiorrbhaidh an saoiste 'n-a dtuarasdal iad, coróin ist ló a bhíodh dhóibh, a's níor thug dhóibh ach ceathair a's raol: chuir sé siar iad: níor thug sé an tsuim iomlán dóibh. Chun ná bead 'od bhodhradh leis an scéal leadaránach so agam ciorrbhóchad duit é, dá fhaid a bhí ag rith leis ag gadaidheacht rugadh sa deireadh air: chun scéil ghearr do dhéanamh de. Budh dheacair don gcapall an t-ualach do tharang i gcoinnibh an aoird, mar chiorrbhaidh an tiománaidhe tarang amháin agus dhearmhad an ceann eile, d'fhág san leaththarang chiorrbhaidhthe agus leaththarang fada air: bainte de fhaid chinn aca. Is fada fós do mhairfeadh sé mara mbeadh gur chiorrbhaidh sé féin a shaoghal le ceal aire agus tromobair: bhain sé dá bhliantaibh: chuir sé é féin chun báis roim a ré. Cheannuigheas triubhas ar a dó dhéag a's raol, shíneas púnt uaim, nuair chómhairigheas an mionairgead ní raibh agam ach sé scillinge! chuireas i bhfighis ar an siopadóir gur chiorrbhaidh sé trí réalacha me: gur chongaibh sé uaim go neamhdhlistineach an tsuim sin. Ciorrbhaidh ar do shnáithín, a tháilliúir, tá sé rófhada, róliobarnach: bain d'fhaid an tsnáithín (a's fuaghálfair níos fearr agus níos tapamhla). Tá an iomad ritheadh seama féd theangain, ciorrbhaidh uirthe agus is fearrde thu é: cuir srian léi. Dá mhéid é ár nglór, ár maoidheamh a's ár dtóirtéis chainnte ciorrbhuigheann Dia iad: múchann Sé iad: cuireann Sé deireadh leó. Nách fada, leadaránach an oidhche againn í ciorrbhaimís lé cluiche cártaidhe í: imrimís agus ní thaidhbhseóchaidh sí chómh fada dhúinn. Bhíomair ag cainnt 'sag seanchaidheacht ó fhágamair Dún Chaoin gur shroicheamair an Daingean, sin mar chiorrbhuigheamair an bóthar: sin mar mheallamair an aimsir i slighe nár thaidhbhsigh an tslighe chómh fada. Ciorrbhaidh isteach do shiota, tá an seol rófhairsing 'sis fearr thairngeóchaidh an bád gaoth: bain d'fhaid cheangail an tseóil. Ciorrbhaidh ar do láimh, tá an iomad té dhá chur agat ar an bpota: luigheaduigh ar an dtómas té. Mara gciorrbhuightear ar an mbiadh beidh ganntar fé dheireadh na seachtmhaine orainn, mar ná fuil dul ar a thuilleadh: muna gcoigiltear den gcaitheamh atá dhá dhéanamh air. Ciorrbhuigheann an t-iarann féin lé fuacht: téidheann ann. Deir an dochtúir dá gciorrbhuigheadh sé (an duine breóidhte) an oidhche anocht go mbeadh cao mhaith ar mhaireachtaint aige: má éireóchadh leis an oidhche do chur de. Ciorrbhaidh ar an siubhal, nílim chómh praitineamhail ar mo chosaibh leat, agus ní fhéadfainn congbháil suas leat: maoluigh: ná siubhaluigh chómh tapaidh. Go dtí gur ciorrbhuigheadh isteach na capaill is olc do bhíodar ag treabhadh: go dtí gur greamuigheadh san achar cheart dá

chéile iad etc. Cómhartha carthanachta air gur minic do chiorrbhaidh sé é féin i mbiadh 'san airgead ag déanamh fóirtheana ar na bochtaibh. Nuair deineadh liaghsceanadh i gCorcaigh do ciorrbhuigheadh an chos aige d'fhonn a anam do shaoradh: baineadh smut di. Bhuail scolb cloiche sa tsúil é a's é ag obair i gcoiréal agus chiorrbhaidh an radharc aige: laguigh an radharc aige. "Ciorrbhaidh an tslighe", ars an siopadóir leis an bhfear clampair agus beidhfear buidheach díot: bí ag cur díot: imthigh: triall as so. Chiorrbhaidh an marcach an tsrian leis an gcapall, mara mbeadh san bhuaidhfeadh sé an rás: theann sé an tsrian chun siubhal an chapaill do mhaolughadh. Ciorrbhaidh do chosa, táid sa tslighe orm: tairng chughat iad nó buailfead 'n-a gcoinnibh.

ciorrbhuighthe: (**ciorrbhaidhthe**) *a.r.* giorruighthe: bheith bainte d'fhaid (ruda): millte: martruighthe: leigthe thart gan aire, gan áird, gan rud do thabhairt. Riar sé deoch ar a raibh láithreach, ghaibh tharm gan féachaint orm. "Tá do shúil ciorrbhuighthe agat orm", arsa mise: níor thugais déanamh na coda eile dhom: d'éimis me. Budh sprionnlaithe, ciorrbhuighthe an ghnóth dho síntiús do thabhairt do ghach duine láithreach ach duit: gnóth gan speach: gníomh nár bh'ionmholta. Strac an chonairt an sionnach ó chéile go raibh sé ciorrbhuighthe a's nár bh'aithnidh cad é an saghas ainmhidhe é: maillidhe a chuirp stolta as a chéile. Budh seódh baile é tríd an sráid a's casóigín chiorrbhuighthe air ná raibh ag dul go caol a dhroma air: casóg ná raibh oireamhnach do lé n-a giorracht; casóg sciotuighthe. Ní hiongadh é do bheith ciorrbhuighthe ag an saoghal mar is iomdha iomard do rug air: claoidhte: curtha chun deireadh. Iothla róchiorrbhuighthe seadh í chun a bhfuil de stoc aige do chothughadh a's a bhfuil den ndubhluachar roimis amach: iothla sheang: iothla gan flúirse foráiste. Budh cheart trí scillinge mionairgid d'fhagháil uait a's ní bhfuaireas ach leathchoróin, táim ciorrbhuighthe agat: tá easbhaidh mo chirt déanta agat orm. Seadh, tréis gach bearta agus a bhfuil beartha d'anródh orainn, tá an tslighe ciorrbhuighthe againn: tá ár dtriall sroichte againn: táimid tagtha chun cinn. Buaiceas róchiorrbhuighthe ag earraidheacht rófhada, ní shroicheann an oíle í, dá dheascaibh sin an caochsholas: buaiceas róchaithte.

ciorrúscadh: *f.* (*-uighthe*) achrann a's easaontas: clampar: suathadh. Baile trodach seadh é, is minic i gcúirt iad ó bheith ag ciorrúscadh lé chéile gan puinn cúise: in achrann 'sin eascaradas. As chainnt éigin a bhí aca i dtaobh politidheachta d'éirigh eatartha go te a's níor bh'fhada go rabhadar ag ciorrúscadh a chéile ag brughadh 'sag gortughadh gur bh'éigean fios do chur ar an nGárda Síothchána: ag leadradh a chéile ó thalamh.

cíortha: *a.r.* slíogtha (mar an fholt) lé cír: cuarduighthe 'n-a árd a's 'n-a íseal: leibhéal do bheith déanta ar dhuine – curtha síos air go díthmholta: slámtha: bainte as a chéile go réidh (mar olann). Níl aon teóra lé mnáibh nuair bhíd i gcuideachtain a chéile is iad a mbeidhfeá cíortha aca: go mbeadh cur síos aca ort agus ní go fabhrach é. Níor fágadh aonnidh dár dheinis riamh ná gur thrácht lucht do cháinte air: do thraochadar iad féin sara rabhais cíortha ar a dtoil aca: díthmholta, cáinte, tromaidheacht agus suainseán déanta aca ort. "Sprionnlóir diaill seadh é", dúra dar "ná labharfadh sa bhóthar leat, duine ná tabharfadh feóirling chun thu do thógaint ón mbás" – "stad! tá sé cíortha a dhóthain agat": tá a dhóthain mór suainseáin déanta air. Thaidhbhseófá níos fearr dá mbeadh do mhothal cíortha: dá mbeadh an ghruaig aimhréidh bainte as achrann a chéile, agus na ruibidhe sínte go gleóidhte. Féach uirthe! is maith cíortha atá an cúl uirthe (seanbhlas):

bean nó cailín go mbeadh a folt slíogtha go taithneamhach aice agus tóirtéis dá réir uirthe. Táim deimhnightheach go bhfuil an sparán in áit éigin sa tigh féin a chuardach, agus cé go bhfuil sé cíortha dachad uair agam ó chúl fraigh amharc air ní bhfuaireas: cuarduighthe, séirseálta, a's tá ann i ngan fhios dom. Ara mhuise, cé chuirfeadh fé n-a thuairm go bhfeallfadh sé ar an té a chuaidh in urradhas air nuair chídhfeá chómh cíortha é ar shráid an mhargaidh: é gléasta i leith tósdalaighe, a's mórchúise. Ní raibh olann riamh cíortha 'n-a ceart gan smeara (oíle) do chur ghá bogadh: bainte as a chéile a's réidhtighthe. An iongadh gan iascairidhe an Daingin bheith ag fagháil éisc nuair tá na farraigidhe lasmuigh mar a lonnuigheann an t-iasc cíortha ag trollairidhibh gaile Shasana? uscuighthe, cuarduighthe airís agus airís gan sos, gan staonadh. Is oth linn é go bhfuil an tSín cíortha beag nách ag an Seapáin, a bhailte tógtha, dóighte, a dhaoine ruagtha as a sealbh, curtha ó thigh a's ó threabh: claoidhte, coscartha, díbeartha. "Má tá an dúthaigh cíortha agat don méirleach", ars an captaen feargach leis an bhfó-oifigeach, "cad fáth ná fuairis a ghnáthóg?": cuarduighthe 'n-a órdlaighibh. Dá mbeadh ciall agat ní thairngeófá an bhean chíortha san ort mar ní maith an earra an teanga atá aice, ní fhágfadh sí thíos ná thuas ort é: cáinteach, masluightheach, tarcuisneach. Dá mbeadh do theanga gan bheith leath chómh cíortha agus sos do thabhairt di bheadh breis cheana ag na daoinibh ort: gan oiread san faobhair cháinte bheith uirthe.

cíos: *f.3.* cáin; áirighthe sochair 'n-a airgead, 'n-a rothaidhe, 'n-a lón nó 'n-a sclábhaidheacht de dhruim earraidheachta talmhan nó aon tsaghas gabháltais, tighthe etc.; teacht isteach; béas; mál; dualgas; díolaidheacht. "Cíos do thighearna (talmhan) nó biadh do leanbh" (seanfhocal): dhá rud ghéibheannacha: bíonn duine aca chómh dian iarratach leis an nduine eile. "B'fhearr liom an cíos d'íoc leis 'ná bheith amuigh aige orm mar ná cloisfí a dheireadh go deó", deirtear lé duine a bhíos ag síormhaoidheamh as mhaith éigin a bhíos déanta aige ort: a dhualgas do thabhairt do. "Níl cíos, cás ná cathughadh orm", ars an fear neamhspleádhach: níl orm díolaidheacht do thabhairt d'aonne as aon rud ar an saoghal: níl aon mhairg shaoghalta orm a's níl brón ar bith orm. Cad é an cíos atá ar an dtigh sin? cad díoltar as earraidheacht an tighe? Seo chúig phúint mar chíos duit as an méid maitheas atá déanta agat orm nuair theastuigh cóngamh uaim: mar dhualgas nó mar íocaidheacht. Déarfainn gur cheart do bheith sásta lé fiche púnt, go raibh cion a chíosa fachta go maith as an méid a rinne sé: a dhóthain mór díolaidheacht dréir an fhóghanta do thug sé. An domhan féin ní shásóchadh an scolfartach, déarfadh aonne go raibh cion cíosa aonne de bhiadh i bpúnt mairtfheóla agus 'n-a chomhthrom d'arán: leórdhóthain aonne. Na tuinncéiridhe atá curtha fútha anocht ar thaobh an bhóthair níl mairg sa tsaoghal ortha, ní fearra dhóibh cíos Chlaise Bheag ortha: áit shaidhbhir é seo go mbíodh cíos trom air a's dá dhruim duadh a's suathadh ag leanamhaint a dhíolta .i. is fearr as sa tsaoghal iad gan fód de thalamh na hÉireann do bheith aca. Ní túisce bhíodh an chéad ghála chíosa tuithte ar an bhfeirmeóir 'ná b'éigean do é d'íoc leis an ropaire Tighearna Talmhan nó amach leis: an cíos ar fad do bheith 'n-a dhá chuid agus b'shin é an chéad tobhach, nó an chéad ghearradh. Tógfad tigh sa Daingean ar chíos dréir na bliadhna: tigh go mbeidh orm áirighthe airgid d'íoc as chun cead maireachtana ann nó gnótha do dhéanamh. "Sláinte agus saoghal agat, bean ar do mhéin agat a's talamh gan chíos ón mbliadhain seo amach" (seanfhocal): talamh saor, gan buannacht ag aonne ort oiread a's pingin d'íoc leis as. Budh bheag liom an t-airgead do thairng sé dhom chun na h-áite do leigeant ar cíos do: an áit do thabhairt do chun a mhaitheasa agus a shochair féin ar shuim

áirighthe airgid. Budh mhór an obair d'fheirmeóiridhibh na hÉireann na císeanna troma a bhíodh ges na seantighearnaidhibh ortha do dhíol: íocaidheachtaí diana, lándhaora as áis na talmhan. "Bainfear an cíos anois den stoc ag dul ó Éirinn go Sasana tréis na margántaidheachta so ar siubhal idir an dá riaghaltas", ars an feirmeóir muinghineach: an cháin: an béas: sraith smachta do cuireadh chun go ngéillfí do Shasana. Lá Bealtaine lá an chíosa: an lá go ndlighthear an cíos d'íoc. Duine gan chíos sa tsaoghal: duine ná bíonn air oiread agus feóirling do thabhairt d'aonne as aon rud atá aige: duine saor, neamhspleádhach. Lucht cíosa an dream a bhraitheas cruadhtan maireachtana a's ní h-aonne eile: na daoine go bhfuil ortha é d'íoc.

cíosach: *a.* bheith ar chan mórán cíos do dhíol. Ar a bhfuil de thighthibh sa tsráid aige agus de thalmhaintidhibh fén dtuaith aige ní fuláir nó is cíosach an duine é: go bhfuil air mórán císeanna d'íoc.

cíosaidhe: *f.4.* duine go mbíonn ar cíos d'íoc. Áirighim go bhfuair cíosaidhthe fógra déaghair tríd an bpost indiu an cíos d'íoc ar an sprioclá nó gur tinn dóibh: na daoine go bhfuil de dhualgas ortha cáin do dhíol as thalamh etc.

cíoscháin: *b.5.* (-ánach, *iol.* cíoschánacha) suim airgid do bhuaileann an Riaghaltas nó lucht ceannais éigin eile: sraith: dualgas. Bhuail Cómhairle na Conntae dhá scilling cíoschánach fén bpúnt ar lucht íoca chun osbuidéal a's ócáididhe eile do chongbháil ar siubhal: an méid sin sraithe. Ní fuláir i ndeireadh dála cíoscháin d'íoc as cheann éigin des na trí saghsaibh sochair seo (cíos, breis nó tuarasdal) nó asta go léir gan bac dá chéile. Ó bhliadhain bliadhain is ag méadughadh atá an chíoscháin tá an oiread san costais dhá chur suas: ualach sraithe. Tá téarma coitcheann ann a tugtar ar pé rud a iarras an Riaghaltas, nó lucht ceannais ceanntair nách fuláir dos na daoinibh nó dóibh seo bhíos fé léidh cánach mar chíoscháin dúthaighe, stáit, baile nó paróiste. Mál, béas agus dualgas seadh an cháin do cuirtear ar allmhuiridhibh nó comaraitidhibh a beirtear isteach as thíorthaibh tar lear. Cíoscháin pharóiste an tsraith a tugtar don eaglais. Dual seadh cíoscháin cheanntair mar díoltar as dhul treasna droichid. Mál seadh an chíoscháin a buailtear ar earraidhibh na dúthaighe féin mar cuirtear ar thobac, bheathuisce etc. chun sochair do bhreith an stáit. Boramha seadh an chíoscháin a díoltar le tír eachtrannaigh in admháltas go mbíonn fé smacht. Nuair chlaoidh Sasana gach tír a rith léi chuir sí fé chíoscháin throm iad: chuir sí d'iachall ortha suim áirighthe airgid d'íoc gach bliadhain léi.

cíoschánach: *a.* do bheith ag baint le cáin do bhualadh. Fuaireas leitir chíoschánach indiu ó Chómhairle na Conntae ghá chur in iúil dom go mbeadh scilling fén bpúnt breise íoca orm feasda.

cíoschánachas: *f.1.* díolaidheacht: méid na cíoschánach: cúirimidhe a bhaineas lé cáin do bhualadh. Nách mór an costas féin an méid cléireach atá ag obair in oifig an chíoschánachais: an áit 'n-a riaruightear an ceart cánach dréir gustail do chur ortha so gur dóigh do cháin nó do shraith. Mara dtagann fuascailt ghrod agus fuascailt mhaith ar na feirmeóiridhibh ní fhéadfaid fulng leis an gcánachas diallta atá dhá chruachadh ortha – cíos trom, béas ar a gcuid stuic, béas ar chuid dá n-earraidhibh, mál trom ar thobac a's ar dhigh, luach mór ar a n-ithtear a's a gcaithtear: ualach trom do-iomchair sraithe.

cíosmhaor: *f.1.* fear bailighthe cíosa. Méisean an cíosmhaor a bhíodh ag an dTighearna Fionntrágha, agus ní mó ná buidheach bhíodh na triántaidhthe dhe: an fear (an t-ara) a éiligheadh agus a thógadh cáin na talmhan uatha. Bhíodh cíosmhaor ar cheathramhain an Fhirtéaraigh fadó riamh, agus tá tobar ann go dtugtar Tobar an Mhaoir air.

ciota: *f.4.* blúire, blodh; morcán adhmaid, tómhas leanna. Ghlaoidh fear ón Leitir Iubhach ar sheacht bpínt leanna duibhe, budh mhaith an mhaise sin d'Eóghan é, dubhairt sé na ciotaidhe céadna do líonadh amach ar an gcuideachtain airís: na h-áraistidhe céadna. Is é a bhí ar a shástacht, a chiota leanna os a chómhair ar an gconntabhairt a's a phíp thobac i bhfeidhm aige: árus maith mór. Is mór an goile atá agat mara bhfuil do sháith sa chiota aráin sin, mo thuairm-se go bhfuil dóthain aon fhir ann: blúire mór. Gan aon choinne agam leis do thuit an pláta as mo láimh a's briseadh 'n-a chiotaidhibh ar an úrlár é: 'n-a bhlúiridheachaibh beaga, miona. Bhuail an long ar an bhfochais a's d'imthigh sí 'n-a ciotaidhibh: 'n-a mionramh. Cuir ciotaidhe an bhainne ar an mbórd: áraistidhe an bhainne. Chaith sé cloch ar an bhfuinneóig a's deineadh ciotafogha dhi: blúiridhe miona: smidirínidhe. Chrom an capall ar raideadh a's bhriseadh na cairte gur dhein sé ciotafogha dhi: bhris sé chómh mion san í go bhféadfá na blodhtacha do chaitheamh mar urchar as do láimh amach. Bíodh ciota agat (de leann etc.): bíodh deoch agat liom. Dá fhaid aithne agam air ní fheaca cubhrán ar a chiota: níor ghlaoidh sé deoch d'aonne riamh i rith m'aitheantais air.

ciotach: (**ceatach**) *a.* bheith níos cliste, níos éascaidhe leis an láimh chlé ná leis an láimh dheis: tuathalach: neamháiseamhail: aindeis: coitcheann an focal 'ciotach' mar leasainm. Seachain buille an fhir chiotaigh, bíonn an diall lé fuinneamh ann: an fear a bhaineas áis as an ngéig chlé mar is gnáthach lé furmhór na ndaoine áis do bhaint as an láimh dheis. Ciotach a scríobhair? an í an lámh chlé a mbainir áis aiste? Budh mhaith í m'aithne ar Mhuiris ciotach a's níor mhór an iontaoibh aige í: Muiris a bhí go pras fé n-a bhuille leis an gciotóig. Is ciotach an úirlis atá ag tiomáint thairngidhe agat – tuagh! casúr atá oireamhnach dóibh sin: tuathalach, aindeis: neamhéascaidh. Tagann léightheóireacht an Bhéarla anchiotach ar leanbhaidhibh na Gaedhealtachta, cheal taithighe ar an dteangain: tuathalach: neamhéascaidh: duaibhseamhail. Budh chiotach an obair an tigh sin, tá cor 'n-a fhallaidhibh agus tá tógbháil fhliuch air: obair neamhshlachtmhar. Táimid an-chiotach an aimsir seo, an iomad lé déanamh againn ar mhaoil (bheagán) cabhartha: cur siar agus moilliughadh mór ar chríochnughadh na hoibre seadh é. Nách ciotach atáir ag cur chun an adhmaid sin do ghearradh, níl faobhar ná slighe ar do thuireasc: cuma aindeis ná héireóchaidh léi go maith.

ciotachán: *f.1.* duine a bhaineas áis as an ngéig chlé: duine tuathalach: tuathalán. "Fág an áit sin, a chiotacháin, ní bhein ag féachaint ort ag lat na hoibre, leig mise chuiche", arsa fear an eolais: a dhuine ná fuil ann a ghnóth do dhéanamh mar is ceart. Ó! ciotachán seadh é, is í an lámh chlé atá ag oibriughadh an phinn aige.

ciotán: (**ceatán**) *f.1.* an lámh chlé. "Sín amach do chiotán chugham", ars an máighistir, agus thairng sé lé smíste orm.

ciotghail: *b.3.* (*-ghala*) tuathalacht: aindeise: neamhshlachtmhaireacht. Cuir uaim do chuid ciotghala agus déin an obair i gceart, féach air sin de bhall mór dubh ar do pháipéar: ná bí chómh tuathalach. Ní ciotghail a thógfadh tigh: ceal eolais. "Connus atá ag éirghe lé n-ár gcaraid, Seán, an aimsir seo?" – "go haindeis, an chiotghail chéadna gan chrích ar gach gnóth dá gcuireann sé roimis": an tuathalacht, an ceal eólais agus an fhuairthéacht chéadna a bhí riamh air. Nílimíd, admhuighim, ag obair go cliste, eólgaiseach, ach is minic "bhíonn an rath ar an gciotghail": go n-éirigheann leis an ngnóth go gcuirtear chun a dhéanta go holc nó lé droichfhearas. "Lé ciotghail cheart do leagadh tú", ars an giúistís leis an éilightheóir, "ag teacht den gcara sráide, mar sin ó b'é do chionta féin níl aon bhuannacht éilimh agat ar an lucht cosnaigh": leis an neamhaire do thugais duit féin. Seadh, féach, tréis na ciotghala go léir do fuair an gort gur thug sé toradh maith: d'aimhdheóin na slighe gur leasuigheadh é a's gur cuireadh é.

cioth: *b.* $_{7}$ *f.* (-eatha, *iol.* ceathanna) tuiteam báistighe nó sneachtaidh nách maireann ach seal gearr. "Na ceathanna a uiscigheas an talamh" (Salm LXXII. 6). "Maireann ceathanna beaga i bhfad ach is gearr saoghal ceathann obann". Tuiteam tiugh d'aon rud: iomadamhlacht aon ruda: riar laimhthighiseach deóra etc. Chuir aosánaigh an bhaile cioth cloch lastuas den mbacach bocht gurbh éigean do an baile amach d'fhágaint aca: clocha ag teacht chómh tiugh iomadamhail sin air gur gheall lé báistigh ón spéir iad. Mo ghradhain í tháinig cioth deór léi nuair bhí cómhra a fir céile dhá chur síos 'on uaigh: deóra go flúirseach fuidheach. Thagadh airgead 'n-a cheathannaibh ón Oileán Úr um Nodlaig: chuireadh na himirceóiridhe airgead go flúirseach, rabairneach chun a muinntire in Éirinn. Dob fhial an fear cois conntabhairte é, ní raibh sé i gcuideachtain riamh ná beadh an deoch ag teacht 'n-a cioth ann: an deoch ag teacht gan staonadh. Istigh i lár na coille diamhaire do chaith na "daoine fiadhaine" cioth saighead ameasc na saighdiúiridhe gur buaileadh a bhfurmhór. Dá mbeadh sé ag báisteach choidhche ní bheadh ann ach cioth: dá fhaid bhíonn sé ag cur stadann sé. Tá ceathanna dhá bhaint i mbun na spéarach, ní maith an cómhartha ar an lá liom é: dhá dhéanamh; ag éirghe. Ní rómhaith an lá foghmhair é, beidh barra-cheathanna ann, a fhágfas gan aon triomughadh féar a's arbhar: ceathanna éadtroma. Leig an chioth sin thart, ardóchaidh an lá: fan go mbeidh an cioth i leathtaoibh, glanfaidh an spéir 'n-a diaidh. An ag magadh fúm a bhítheas go ndubharthas liom gur thuit cioth éisc ón spéir! i dtír éigin thar lear? mórchuid éisc. "An bhfuil airgead aige?" – "tá a Mhic ó, 'n-a chioth": airgead siar síos: an t-aimeón. Do fhliuch an cioth go croiceann me: an tuiteam trom báistighe. Fé chioth a's fé ghréin bíonn sé ag obair amuigh: i ngach saghas síne. Idir dhá chioth tháinig nadhbhóg ar an míntír ón Oileán: i long: in aitreamh go raibh maolughadh ar an aimsir leis an salachar agus an neamhghlanachar. Tháinig gríos amach 'n-a chneas 'n-a chioth: tháinig brat grís. Ceathanna báistighe andeas; ceathanna sneachtaidh anoir dtuaidh. Ní ceathanna atá ann ach clagairneach: sealanna báistighe ach báisteach throm choitcheann. Cuireadh cioth piléar ar fuaid na sráide nár fhan duine lasmuigh: piléir ag teacht chómh tiugh, dlúth lé braonaidheachaibh báistighe.

ciothmhar: *a.* tugtha do cheathannaibh. Ní réidhtigheann aimsir chiothmhar lé n-a sláinte tréis an tréimhse fhada chaith sé i dtíorthaibh teó: aimsir go mbíonn ceathanna ag teacht rómhinic a's í tais.

ciotóg: *b.2.* an lámh chlé: fear gur fusa dhó an lámh san d'oibriughadh ná an ceann eile. Thóg sé leis an gciotóig fén gcorrán me agus leag! bhuail sé leis an láimh chlé me. Bhí aithne agam ar fhear, siúinéir, de Mhuinntir hUigin go raibh "Ciotóg" mar leas-ainm air, agus seo mar deirtí le haon rud budh leis, "úirlisidhe etc. Chiotóig"; chonnac an Ciotóg leis, ann (ní an Chiotóg). Comhmhaith aige an chiotóg agus an lámh dheas: tá sé chómh deaslámhach léi a's tá leis an gceann eile.

ciotógach: *a.* ar áis na láimhe clé: aindeis. Toisc me bheith ciotógach ní raibh faill agam ar é do bhualadh go cruinn mar is ar mo dheis do bhí sé: i dtaobh gur bh'í an chiotóg dob éascaidhe agam.

ciot-turraing: *b.2.* tuiteam, tionóisc: glór mór ag tuiteam do rud nó do dhuine. An chiot-turraing do baineadh as an gcladach nuair thuit an charraig mhór as aghaidh na faille: torann. D'éirigh ciot-turraing mhór don dá ghluaisteán ar bhualadh dhóibh ar a chéile ag nochtadh cúinne na sráide, briseadh thar fóir iad agus goirtigheadh a raibh ionta: teangbháil a thárla ó chúis nár bh'eól dóibh ná gan inntin aonne leis: teangbháil gan choinne leis. Mhuise, do bhí ciot-turraing airéir ag carraigeachaibh lé linn na stoirmeach. Bhain an chiot-turraing marbhlaogh as an mbuin nuair thuit sí den gclaidhe: an tuiteam goirtightheach do fuair sí. Cad n-a thaobh ná beadh sé go láidir, sláinteamhail, duine nár éirigh ciot-turraing riamh 'n-a shaoghal do: duine nár éirigh mísheól ná aindeise dho.

cioturradhanta: *a.* dána: dúr: coimhtheach: doronna. Budh mhó an t-ádh gheobhfá orm ar bheith lághach liom ná bheith cioturradhanta: dá mbeidhfeá gan bheith chómh dothuigseanta, neamhmhuinnteardha bheadh breis dul agat ar do loirgeacht d'fhagháil. D'fhiafruigheas de an mbeadh sé ag dul 'on Daingean ar n-a bháireach, ach in ionad freagra séimh do thabhairt dom d'fhreagair me go cioturradhanta go ndubhairt – "fiafruigh de!" Cainnt chioturradhanta d'aonne a rádh le duine eile: "bíodh an diall agat!": cainnt gan deallramh: cainnt neambéasamhail. Ná bí cioturradhanta lé leanbh, ní thuigeann sé bearta mar thuigeann duine fásta iad: labhair go neamhfheargach, mín leis: ná bí bunoscionn: glac go réidh, socair, grádhmhar é. Dochtúir cioturradhanta dob eadh Hudson nár bh'aon dóighchín é dul ag glaodhach air, scaimh a's íde bhéil aige dos gach aonne: duine ná raibh síthbhialta ná tláth 'n-a chómhrádh. "Leig dod mhac", arsa bean an tighe, "dul ag díol an stuic mar taoi róchioturradhanta ag déanamh margaidh lé haon cheannuightheóir, níl míne ná géilleadh ag baint leat": achrannach i gconbharsáid. Chómh luath agus d'iarras air mo chuid airgid a bhí tugtha ar iasacht agam do dhíol orm, d'éirigh sé cioturradhanta chugham, ghá rádh, "cad é an t-airgead? fág mo radharc, a bhitheamhnaigh!" Dá bhfeictheá an leitir chioturradhanta do chuir sé chugham i dtaobh a fhiafraighe dhe an dtabharfadh sé síntiús don mhnaoi gur dóigheadh a tigh: leitir ná scríobhfadh aonne ach duine drochmhúinte, drochoilte. Sin fear ná feaca riamh roime seo im shúilibh cinn, ach is cioturradhanta an chuma atá air, an chuma choimhtheach, neamhchainnteach, dhorcha, dhaingean: míothaithneamhach, neamhthláth: cuma a chuireas in iúil dhuit nách duine é gurbh fhéidir puinn subháilcis do bhaint as a chuideachtain. Ar an gcoisde dháréag do bhí aon fhear amháin a bhí chómh cioturradhanta san ná tiocfadh sé leis an gcuid eile ar feadh na hoidhche, lé n-a chroidhe mar admhuigh sé ar maidin gur aontuigh sé linn: duine dúr, doghluaiste, cor, a bheadh conntrárdha ar son conntrardhachta.

cioturradhantacht: *b.3.* dán-dúireacht: conntráltacht: aindiúid: aiteas meóin. Chaill an fear san mórán rochtairidhe lé n-a chioturradhantacht féin, ag bruighean 'sag troid lé gach aonne go mbíodh beagán fiach aige air: ceal an "tsubháilce sluaigh" air: gan an tslighe cheart chun daoine do choimeád do bheith fé. Ar mbeith don atúrnae ghá chonnstrabháil, a's nár bh'fhéidir leis é féin do réidhteach as na ceisteannaibh, d'éirigh sé chun cioturradhantachta gur fhógair soir siar an dlighe agus dligheadóiridhe: chun aitis a's ceanndáine: níor fhan sé béasamhail. Loirgeas a inghean air i gcuing phósta; in ionad a aonta 'sa bheannacht d'fhagháil, is amhlaidh d'éirigh sé chun cioturradhantachta, ghá rádh liom ná raibh ionam ach stráice díomhaoin, drochghnóthach, agus mara mbeadh fear eile in Éirinn ach mé ná faghainn mar mhnaoi í: d'éirigh sé chun aitis a's crostachta a's míbhéas. Budh mhór ar fad an chioturradhantachta duit a fhiafraighe dhe cad é an discréid a bhí idir me agus é: an neambéas: an bháistidheacht. Bhris sé a ghluaisteán lé n-a chuid cioturradhantachta féin, ag cur an iomad ualaigh innte a's ghá thiomáint róthapaidh ar bhóithribh olca, garbha: gan aon ghéilleadh don rud do dhéanfadh díobháil di. Dá n-éistigheadh sí lé réasún a's le fuaimeant chainnte ní bheadh aon dlighe eadrainn a's ní bheadh faic caillte aige leis an gcúrsa so, ach b'fhearr leis leanamhaint dá chioturradhantacht: don aiteas gan éifeacht.

cioturradhas: *f.1.* neambéasamhlacht, drochmhúineadh, drochoileamhaint. Dá dtabharthá an oiread san cioturradhais d'aonne eile ach don bhfear macánta so bhrisfeadh sé do phus, cad é mar ghnóth dhuit cladhaire do thabhairt ar aonne? míonáire: ceal galántachta. Nuair dubhairt an saoiste leis dul ag obair, is amhlaidh a dubhairt an t-oibridhe go ndéanfadh sé pé nidh budh mhaith leis féin, féach air sin de chioturradhas: de tharcuisne. Ná téighir choidhche chun argóna lé fear cioturradhais, mar ná faghair uaidh ach an focal is measa 'n-a bhéal: fear ná bíonn aireach ar an saghas cainnte do labhrann sé lé haonne.

ciopánta: (**cipeánta**) lasánta: soifheirge, neamhruthagach, neamhéifeachtach. Mara mbeadh tú bheith ciopánta is beag suim do chuirfeá i leanbhaidhibh gan chiall bheith ag faoidhfrigh fút: sothógtha: furaiste olc do chur ort. Nách ciopánta an duine thu nách féidir leat focal den gcainnt do thabhairt gan tú d'éirghe ar t'ingnibh deireadh? nách tú an fear gan ruthag, gan foidhne, go dtógair 'n-a easmailt gach rud a deirtear leat. Ar chualadhais an bheirt i reachtaibh dulta i muineál a chéile gan chúis, gan adhbhar? Ceaca is ciopánta den mbeirt? ceaca is lugha fuaimeant a's ciall? Ná tabhair cainnt chiopánta do mhnaoi, ní cómhartha fearamhlachta é: cainnt tar cheart: cainnt nách gnáthach (neamhoireamhnach): cainnt neamh-mhánla. Budh chiopánta an gnóth dho labhairt ó bholg an tsáipéil leis an sagart agus an t-éitheach do thabhairt do: rud gan bun gan barr gan chiall gan éifeacht. Bí ciopánta más maith leat agus téighir ag bruighean lé fear go bhfuil do dhá thoirt ann: bí chómh neamhmeabhrach, aibidhmhianaigh sin ná machtnófá ar an mío-ádh atá id chóir. Ní leóimhte dhuit focal grinn do labhairt leis, ciopánta mar tá sé, ar nós na beiche: tógálach, aibidh i mianach, sóthógtha chun feirge.

cipe: *f.4.* díorma fear: rang shaighdiúiridhe: cliath fhear dlúth, cluthair ar a chéile. Budh so-amhairc, taithneamhach an cipe óglach a bhí sa pharóiste seo tamall, acfuinneach, láidir, lúthmhar: scata breágh fear. Glaodhadh amach as an gcipe orm, agus d'fhógair an

t-oifigeach orm m'éide do bheith níos gasta orm feasda: as an ndíorma saighdiúiridhe a bhí fé bhreithniughadh. Tigh mór fairsing chun gnótha go bhfaigheadh cipe slighe ann seadh é: slighe chorruighthe ag sluagh mór daoine ann.

cipín: *f.4.* blúire beag adhmaid, cipín (solais), lasán. "Léan id cheann cipín, is ann ná fuil inchinn ná éifeacht", ars an máighistir liom, nuair nár fhéadas na ceisteanna do chuir an cigire orm d'fhreagairt: ceann chómh dall neamh-eólgaiseach lé smut adhmaid. Im sheasamh i gcúinne an tseómra bhíos liocuighthe i gcoinnibh an fhalla d'iarraidh ná feicfí me nuair tháinig an tóir orm chun mo thógtha, dearbhuighim duit go rabhas ar cipínidhibh: is orm do bhí imshníomh mo bheatha. Soir siar lasmuigh den dtigh a's é gabhtha gléasta i gcóir an Daingin, ag feitheamh lé gluaisteán a's gan an gluaisteán ag teacht, is é bhí ar cipínidhibh: go raibh an t-imshníomh bóthair air a's gan aon fhóirthint ag teacht air: ar fionnraighe ná féadfadh sé fanamhaint socair. Bhíos ar cipínidhibh ag feitheamh lém mhnaoi ag stad na traenach, ní fheacadh lé deich mbliadhnaibh roimis sin í: suaidhte im aigne le himshníomh nár bh'fheas dom cad bhí dhá moilliughadh uaim agus sceitimínidhe orm bualadh uimpe. Chaith an ólaidhe an bád i gcoinnibh na carraige, scoilt sí ó fhosta go snaidhmin agus deineadh cipínidhe dhi: d'imthigh sí n-a blodhtachaibh ar fuaid na farraige. Ar bhuail aon raic leat ameasc na gcuas? níor bhuail, ach cipínidhe: blúiridheacha beaga. An iongadh gur leag an ghaoth mhór ceann an tighe, a's gan fé ach cipínidhe frathach? frathacha rólag, róéadtrom. Cheannuigheas trí birt cipínidhe teine ón mangaire mná: cipínidhe brosna, cipínidhe spruis. Is diall an neart atá ann a's na cipínidhe cos atá fé, budh dhóigh leat gur loirgne fiadha iad: cosa caola. Is fada ó rámhaidheacht na cipínidhe maididhe (rámha) seo: iad ró-éadtrom gan tathnag. Caith chugham cipín solais eile léd thoil, tá an diall píope seo an-dhúr: blúirín beag gearra adhmaid a's cáinchín ruibhe ar a bharr. Triomacht? ná bí ag trácht air, tá gach aon rud 'n-a chipín: comh tirim lé hadhmad. Ag imirt chipínidhe ar a chéile bhíodar: ag súgradh grádha. An amhlaidh do mheasfá dul ar mo chipínidhibh, agus mo chlú a's mo bheatha do mhilleadh?: me do chumaisc.

cipíneach: *a* go mianach cipínidhe. Is andheacair móin chipíneach do bhaint: móin go mbíonn blúiridheacha beaga, a fhan mar a raibh coill ag fás tráth. Ní coill chrann í ach coill chipíneach: coill nách bhfuil ag fás innte ach crainn bheaga laga ar nós slat.

cipinneach: *f.1.* blodhtacha, ciotafogha, mionramh: míriar, dul tré chéile: aimhréidhteacht: glór mór. "Cipinneach seadh é", ars an té a bhí ag féachaint ar fhear eile ag rinnce ar lic an teinteáin agus bróga móra, troma táirnigidhe air, a bhaineadh teine chreasa agus glór as an úrlár: fuadar mór agus fothram. Thóg an barra taoide an bád a's ar maidin ní raibh lé fagháil dhi ach cipinneach: í briste brúighte n-a mionbhlúiridhibh. Ar an bhfuadar atá fén gcuideachtain sin agus a ghoirgighe atáid lé n-a chéile is eagal liom go mbeidh cipinneach aca sara scaraid: bruighean a's achrann a's gleódh. Bhí cipinneach an diaill bhuidhe ar an mbainis airéir, brughadh a's cómhgarach, rinnce, ceól a's amhráin i dtigh cumhang a's daoine anoir 'saniar, andeas 'sadtuaidh ann: gleódh a's duadh ges gach aonne d'iarraidh a bhealaigh do dhéanamh ann. Ar an mBuailtín fadó um Inid do bhíodh an cipinneach nuair is minic a bhíodh deich bpóstaidheacha in aon ló ann: gáir a's gleódh a's dul tré chéile.

cípleáil: *b.3.* bheith ag útamáil le rud; gan bheith ag déanamh ruda ar an slighe chirt. Cuir uait do chuid cípleála ach déin an obair 'n-a ceart agus go luath: cuir goth cheart oibre ort féin: ná bí ag déanamh siléige thoilteanaighe. Cá mb'fháth ná héisteóchadh tógaint an tighe míle púnt, dar ndóigh idir shaor a's cheárdaidhe thugadar an aimsir ag cípleáil leis: gan suim ná fonn críochnuighthe ortha. Má cuirtear chun stráin me ní ag cípleáil bhead lém namhaid, ach dáiríribh ghlan: ag obair go lagthoilteanach.

cípleálaidhe: *f.4.* fuairthé (duine); útamálaidhe; duine neamhdhúthrachtach. Cípleálaidhe scríobhnóra seadh é, ná beadh míle focal scríobhtha 'n-a dhiaidh in aon ló: scríobhnóir mall, siléigeach gan dúthracht ná guilm oibre. Cípleálaidhe feirmeóra go leigheann an fóghmhar ar an ngort aige le díomhaointeas: feirmeóir gan tapadh, gan adhar a bheith ann. Beir leat nách aon chípleálaidhe mise agat má thugair a thuilleadh tarcuisne dhom, níor rómhór an mhoill agam an béal mór san ort do chur 'n-a éisteacht: ní haon ghiolla mo lithéid mé agat: ní duine me gur féidir lé duine tarcuisneamhail bheith rófhada ag giobadh air.

circín: *b.4.* cearc bheag, focal do tagarthar do mhnaoi bhig nó do chailín bheag le seanbhlas nó míchéadfadh. Is aoibhinn maidean mhoch earraigh a's an t-arbhar ag geamhradh clos na gcircínidhe struiceach ag cantain sa Dún (Chaoin): na fuiseóga. Tair isteach ón mbáistigh, a leinbh, táir id chircín as an silleadh mhaol, bháidhte: sé an clódh nó an can atá ort a bheadh ar chirc ón bhfearthainn. Cé phósfadh an chircín éagconnta?: beainín neamhfhuaimeantamhail. Budh bhreágh, taithneamhach an bhean í, tráth, ach do dhein buadhairt a's breóidhteacht circín di: luigheaduigh sí agus mheathluigh go bhfuil as aitheantas nách mór. Circín trágha: éan scairbhe lé fagháil cois farraige, gaolmhar don naoscach agus don gcúirliún etc.: éan a shiubhalas in uisce trágha ar lorg a bheatha.

círéib: *b.2.* callóid: buadhairt: fuasnadh: tuargaint: éirghe amach. Is mór an fonn círéibe a bhíos ar té a scéidheas ar a chómharsain: fonn mioscais: cladhaireacht. Fear foghla ag imtheacht ó bhall ball ag fogha 'sag goid 'n-a chíréib: 'n-a dhuine mhíomhacánta. Fé dheireadh rugadh ar an gcíréib dhuine seo ná raibh coir darb eól gan déanamh aige: coirptheach. Ní stadfadh sé leis an gcíréib a bhí ón bpréimh ann go ndeárna sé buadhairt ameasc na fóirne: leis an olcas a bhí ann ó dhúthchas, nó dréir nádúra. D'éirigh círéib eatartha, óir nár réidhtigheadar (na foghlaidhthe) i roinnt na slaide: achrann a's bruighean. Gaibheann sé tímcheall na dúthaighe 'n-a chíréib chonntabharthaigh, dhíomhaoin: 'n-a raille uilc. Cár ghabhais an chíréib (mada ruadh, etc.) sin: an bitheamhnach.

círín: *b.4.* cíor bheag: drom: snaidhm bharraigh: na cleitidhe nó órnáid eile a bhíos ar mhullach clogaid: an stuaic a bhíos ar choileach: aoirde meanman: mórtas. D'aithnigheas air go raibh braon maith sa tsúil aige, bhí círín dhearg air: braon mór caithte aige go raibh lasadh fola suas 'na cheannaghthaibh: bhainfeadh dealg fuil as!!! Ní fhéadfá choidhche siubhal ar na carraigeachaibh sin, táid lán de chírínidhibh ó chaitheamh farraige: mionspiaraidhe géara éirighthe asta. Tháinig pachóididhe ar mo mhuineál 'n-a gcírín chómh dlúth ar a chéile lé gruaig mo chinn! 'n-a searraibh géara mar cíor coilligh. Ghaibh sluagh saighdiúiridhe go raibh círín ar a mbairéad an baile: stuaic órnáideach ar an gclúdach cinn a bhí ortha. Bhíodar ó fhocal go focal i mboirbe a's i mboirbe go

ndeachadar i gcírín a chéile sa deireadh: gur ionnsuigheadar a chéile go fíochmhar. Gheóbhfá cloch go mbíonn clocha scáil 'n-a gcírín uirthe: ag éirghe anáirde mar bheadh fiacla. Cuir círín ar t'fholt a's deallramhóchaidh sé go gleóidhte: cuir snaidhm gruaige ar fhíormhullach do chinn.

círíneach: *a.* fé chírín: ar nós na cíorach: dearg, lasta, ar aghaidh. "Ní thaidhbhsigheann sé i sláinte mhaith dhom", ars an dochtúir, "is círíneach liom mar tá a leicne": lasta thar meón. Carraigeacha aindeise círíneacha a ghearrfadh bonn do bhróg: carraigeacha géara. Dá bhfeictheá an chuma chíríneach a bhí uirthe ag siubhal na sráide, a ceann san aer aice a's gan áird aice ar aonne: imtheacht mustarach fúithe. Mullach chíríneach atá ar Bhinn-ós-Gaoith: mulla chruinn, chumhang, ghéar, bhiorach ("Binn ós Gaoith", ainm thaithneamhach ar chnoc ar an dtaobh thoir den Daingean).

cirtisí: (.i. **cirte** *céim bhreise ar ceart*) Budh chirtisí dhuit go mór a's go fada dul abhaile chun do thighe a's do líon tighe ná bheith ag dul lé leadarán a's ragairne ar an sráid: b'é budh chirte dhuit.

cis: *b.2.* cosc, maolughadh. Cis do chos nó sos do lámh: ná téighir tharais sin: luigh ar chois leónta agus tóg an dua de láimh leónta.

ciseach: *b.2.* lorg nó rian rotha: sclaig: cliabh thuigidhe, duine tromghluaiste. Chonnac sa Daingean é seachtmhain ó shoin, níor thaithnigh a chrot liom, bhí sé n-a chiseach ge feóil, gur beag a bhí ann an bóthar do bhogadh: chómh feolmhar san gur dheacair do corraighe. Capall maith a thairngeóchadh ualach in áit atá lán de chiseachaibh: rianta doimhne (gearraidheacha) anacracha. Dhein sé ciseacha 'n-a cheann le cloich! ghearraidh sé go doimhin é léi. Áit róbhog róchonntabharthach d'aonne a chapall do bhreith isteach ar eagla a dhul ar lár a's a fhanacht ann, ciseach ar fad seadh é: áit lán de phludadh, de bhogar a's de phollaibh. Beir leat lán an chisigh de phrátaidhibh: árus fighte lé tuigidhibh.

ciseal: *f.1.* sleamhanc, babhta nó sraith phunann i stáca, clais. Dá mhéid í mar bhóirnigh charraige ní raibh sé chómh deacair sin ar fad í do scoltadh, mar d'éirigh sí ciseal ar chiseal lé díngeachaibh iarainn: sleamhanc ar shleamhanc: slaod ar shlaod. Cuirtear ciseal eile ar na fallaidhibh a's beidh sé árd a dhóthain annsan: sraith nó slaod nó babhta eile cloch. Cuir ciseal nó dhó eile ar an stáca a's beir chun mullaigh é: cuir tímcheall nó dhó punann air. Nuair théidheadh an bád síos i gciseal idir dhá uain is ar éigean a chídhimís talamh, bhíodh sé chómh doimhin sin: an chlais idir dha thonn farraige.

ciseán: *f.1.* árus déanta de thuigidhibh, beag nó mór, ach ná iomcharthar ar dhrom an duine. Scag na prátaidhe ar an gciseán a's leig dóibh fuaradh: scaoil an t-uisce dhíobh os cionn corcáin nó drabhlaighe san árus tuigidhe. Rugadar lón an lae léi ag dul amach ar an oileán i gciseánaibh: i mboscaodaidhibh.

cisighim: *b. n-a.* coiscim, cuirim srian le: déinim éigean air: luighim ar: seasuighim ar. Ní fuláir nó budh leónta an t-alt a bhí aige nár chisigh sé le leathbhliadhain air: nár chuir sé an chos fé a's aon duadh do chur air. Leig do ar a bhuille, ná cisigh air, mar nách aon bhuidheachas do bheadh aige ort, é féin fear na céille go léir: ná coisc é ar an bhfuadar atá

fé. Cé gur mhór mar cuireadh chun feirge mé ag éisteacht leó ag tarcuisniughadh an uachtaráin, d'fhoidhnigheas é, agus chisigheas orm féin aonnidh do rádh: chuireas srian lém theangain. Seachain an duine malluighthe sin, mar chiseóchadh sé ort dá bhfaigheadh an fhaillighe ort: dhéanfadh sé do dhíobháil. Cisigh ar do chois, tá bóthar rófhada rómhat an deireannaighe ann, a's fan go lá: fóill ar do chois. Is beag fonn ithte a bhí orm, ach le breis na tafanta do chisigheas orm féin agus do luigheas chun búird: chuadhas dian orm féin. Ar amharc a chuirp dom, agus an cion mór do bhí agam air níor chisigheas ar mhothúilt mo chroidhe, do ghoileas go fuidheach: níor choisceas an fonn deór a ghaibh greim orm.

ciste: *f.4.* cófra mór; iolmhaoin; ionmhas i bhfolach; focal ceana. A chiste, do phóg, mar is tú is ionmhuine liom ar domhan: a chuid den tsaoghal. Tháinig sé mar a raibh fathach mór trí gceann in aire an chiste, ór buidhe, péarlaidhe, a's clocha lóghmhara a bhí curtha go doimhin i dtalamh: aon rud, go mór-mhór ionmhas bailighthe, cruinnighthe i dtaisce: aon rud is fiú do chur i dtaisce: aon rud luachmhar nó lóghmhar. Dhein an t-arm eachtrannach foghail ar chiste an ríogh: ar an méid rud airgid a's rud luachmhar i dtaisce choimeádta aige. Is ciste ór maidir le hairgead, mar ná dreóghann a's gurb annamh do luigheaduigheann a luach. Sa tseanshaoghal i gciste mór adhmaid do choimeádadh na boicht an mhin: i gcófra mhór nó in eagar (an taisceadán a bhíos ag gabhann chun guail flich do choimeád i gcóir na teineadh). Nách deagh-Ghaedhlingeach an cainnteóir é 'sé an ainm atá aige ar chómhrainn ciste na marbh! Duine bocht seadh é, ach ní fear gan chiste é, tá grásta Dé aige: rud an-luachmhar.

císte: *f.4.* dlúthas beag taois a's é liocuighthe bácálta, aon rud liocuighthe i bhfuirm císte. Cheannuigheadh sé, a's é sa Daingean, cístidhe beaga do leanbhaidhibh an bhaile lé ceanamhlacht ortha: brioscaidhe. Do thárla go raibh olc ag an dtrod don gcoimeádaidhe toisc é do bhualadh roimis sin, gur bhuail sé a chos ar a cheann a's do dhein císte dhe: bhrúigh sé chómh mín lé taos é. Thuit an charraig sa lorgain air a's deineadh císte dhi: briseadh a's brughadh í. Ní fada ón gcíste, tá screamh ag teacht air: tá uachtar cruaidh ag teacht air a's beidh réidh lé n-a thógaint.

cisteanacht: *b.3.* do choimeád cistean, tighis, do chur i dtaisce. Bean go mbíonn slacht ar a cuid bídh í sin, bean mhaith chisteanachta a bhíos cúramach ar an mbeatha: cliste chun bídh do chur chun críche agus i bhfad. Straoilleóg ag fear, bíonn a rian ar an gcisteanacht: is neambaileach do thugann sí aire dá gnóth tighe. Déin cisteanacht ar an mbiadh a's ná leig 'n-a roilleach é: tabhair aire cheart dho agus ná leig lé fuaire ná bóiléagar é.

cistighim: *b.a.* bailighim a's cuirim i dtaisce. Ara, mhuise, is iomdha san púnt ramhar cistighthe 'ge Sasana as Éirinn ón gcéad lá chuir sí cíoscháin orainn: tógtha agus curtha 'n-a cóir féin. I múchán fén dtalamh do cistigheadh na foghlaidhthe a bhfuaduighis ón lag: chuiridís i bhfolach i ndaingean coimeádta é. Is áidhbhéil ar chistigh sé, nó cá bhfuair sé an saidhbhreas, a fheara? a ghiorracht aimsire bhí sé san Oileán Úr agus dhá mhíle phúnt do thabhairt ar an bhfeirm sin: do bhailigh a's do chruach.

cistin: *5.* (-*tean*(*ach*)) [**cisdin**(**n**) (**cisdean**(**n**)(**ach**)), **cistinn**] an seómra i dtigh mar a n-ullmhuightear an biadh. An ón nDaingean an leathtaobh caointe muice seo ar crochadh

agaibh? – ní headh, bagún cistean(ach) seadh é: is sa bhaile do deineadh í do chaoineadh (leasughadh). A máighistir lé feabhas mar mhnaoi tighe níor bhuail cos i gcistin riamh: níor choimeád bean dob fhearr tigh a's tinteán riamh: bean fhial. Leath mo shúile orm nuair chonnac an chistin bhrothallach, feóil a's iasc garbh ar crochadh thart tímcheall: cistin bhiadhmhar.

cithinseach: *b.2.* duine, bean nó fear (ach gur minicighe tagarthar do mhnaoi é) go mbíonn scrothaidheacht ionta. Gan bhréag duit, a chara, a lithéid de chithinseach mhná, níor luigh mo shúil riamh, í isteach 'samach lé sé troighthe, cabhail a's cnámha dá réir aice agus céim siubhail ná brisfeadh ubh fé n-a cois: bean mhór, ghroidhe, láidir, acfuinneach. Cithinseach fir nách mór ná go gcaithfeá féachaint uait anáirde lé n-a aoirde, tímcheall dá réir aige, m'fhocal duit go raibh sé clocha déag péasa ann: fear mórchorpach.

cithnéal: *m.3.* scamall báistighe. Níor mhaith linn cur chun farraige toisc na gcithnéal(ta) a bhí ag imtheacht san spéir agus is tuar gaoithe iad: scamaill bháistighe. Is mithid do san bheith ag cromadh, tá cithnéalta na críne a's na haoise ghá chlaoidhe: na hiomardaidhe a thagaid ar dhuine nuair bhíonn tonn dá aos.

ciúin: *a.* socair, grádhmhar, lághach, síothchánta, maol, mín, neamhchainnteach, neamhghlórach, gan cor as, gan glór: deaghiomchair: cluthair: cúthail. Láithreach do bhí chómh maith leis an gcuid eile a fuair obair, ach duine ciúin ar é féin do chur in iúil a's tháinig abhaile follamh: duine cúthail nách mian leis é féin ná a chúrsaidhe do chur os chómhair cruinnighthe: támáilte. "Is iad na muca ciúine a itheas an mhin" (seanfhocal): ní hé an té is mó cainnt agus is glóraighe go mbíonn togha an ruda a bhíos ar siubhal aca. Buailim sciathacht an domhain do bhí aige sa tábhairne – cad ná déanfadh sé le muinntir ár nDúna-ne go dtí gur bhuail slataire fuinneamhail linn isteach a's as san amach d'fhan sé chómh ciúin le cat: ní raibh drundum as: chisigh sé ar a mhaoidheamh. Báidhtear daoine agus an fharraige bheith chómh ciúin le linn abhann: chómh socair gan corraighe a's b'fhéidir do bheith. Ar bheith amugha dhom ar feadh na hoidhche chuadhas abhfad as m'eólas, gur bhuail tigh liom go ndeaghas isteach; duine ná ainmhidhe ní raibh le feicsint agus é chómh ciúin leis an uaigh: gan glór ná cor ach oiread agus bhíonn ameasc na marbh fá iadhadh uagha. Chaitheas mí sa tigh agus níor thaithnigh na daoine in ao'chor liom, bhíodar chómh ciúin lé mairbh na huagha: daoine neamhchainnteacha, cúthaile. Fear ciúin é sin gur deacair "salann do chur ar laogh dho": fear ná leigeann a smaointe lé haonne agus nách furaiste bob do bhualadh air ná eólas do bhaint as: fear cluthair fé n-a smaoineamh 'sa eolas ar rud. Gleódh an domhain a's geóin do bhí ag na leanbhaidhibh scoile faid bhí an t-oide amuigh. Chómh luath agus d'fhill sé bhíodar chómh ciúin le luich: is ar éigean do chloisfeá iad ach oiread léi. Rug sé ciúin go maith air mar cúrsa brónach a's níor bh'fhearr do in Éirinn é: d'fhan gan a leigeant air ná a fhoillsiughadh go raibh cumha ar a chroidhe. Baile ciúin seadh an baile céadna san, ní chloisfeá go deó daoine in earrad lé chéile: daoine deighmhéine. Nách ciúin ataoi, a Ghearaltaigh, níl scéal ná duain asat: neamhchainnteach, neamhchuideachtamhail. Clann chiúin do thóg sé nár chuir cor de chois ná de láimh riamh chun aonne: clann shíothchánta. Labhair go ciúin, a's cuir díot an tulcaidheacht: labhair go mín, muinnteardha. Fan go ciúin annsan, tá mo cheann 'n-a roithleán agat: ná bíodh focal cainnte asat. Bíonn sé ciúin san ngabhal

doimhin cnuic úd: foithineamhail, seascair. Chainntigheas chúig uaire é ach bhí a bhéal chómh ciúin le béal na huagha: níor tháinig siolla as a bhéal. "Táir ag cainnt róchiúin", ars an breitheamh, "labhair amach": ró-íseal, róneamhshoiléir.

ciúinchionntach: *a.* cúis air a's gan focal cosanta as. D'fhan sé ciúinchionntach nuair fiafruigheadh de an raibh aon rud lé rádh aige in aghaidh na fínéachta gurbh é a sháidh an fear, níor dhein ach a cheann do chromadh in aontadh: admháilt gan focal as.

ciúine: *b.4.* socracht, míneacht, sos, tost, láithreacht: mánlacht. Agus a chiúine chodlann sé, go breágh réidh, gan ionfairt ná iomlosc, is aoibhinn é a chodladh: socracht, gan glórghail. Lé ciúine na hoidhche chloisfeá na madraidhe ag ullfartaigh sa pharóiste budh ghiorra dhuit: socracht na ndúl: oidhche gan glór as an spéir. Tagadh ciúine oraibh a's ná bídh do shíor ag gabháil stealladh ar a chéile: tagadh síothcháin oraibh. Ar dtúis, b'é an míofhoirtiún an capall céadna san do bhriseadh, ach thug an trucail a's na hualaighe chun ciúine é: laguigheadar an fhiadhaine a bhí ann. "Ciúine agus deoch", an chéad chómhartha do chonnac riamh os chionn tighe tábhairne (ar an mBuailtín): suaimhneas a's subháilceas ameasc an lucht óil. "Ciúine tighe tórraimh" atá eadrainn, ná beadh duine éigin ag cainnt: an tost a bhíos ann le hurraim don mharbh. Ní gheobhadh aonne léi lé n-a ciúine, focal searbh ná milis ní thugann do neach beo: ní phósfadh aonne í, toisc a luighead cainnte a bhíos aice. Go cortha dhom tréis mo lae saothair, suidhfead cois teine scathamh agus beidh ciúine agam: socracht a's sos. Bhuaileadh ár máighistir a dhá láimh ar a chéile chun ciúine do chur orainn nuair bhíodh iomarca geónach againn: chun sinn do chur 'n-ár dtost. Níl aon tabharthas ná go bhfuil tabharthas na ciúine chómh maith leis: is mór í an aisce do bronntar ar an té a chuireas smacht ar a theangain agus ar a mhianach nuair cuirtear air go tarcuisneamhail gan chúis. (**ciúineacht, ciúnadas, ciúnas**) Is mór an ciúnas atá indiu ann: tá an fharraige íseal, mín. Le ciúnas na háite d'aistrigh sé. Bhí taithighe aige siúd ar chéilidhe, ceól, cuideachta, rinnce a's comhluadar daoine, rud ná raibh annso aige: uaigneacht, ceal coidrimh. "Ciúnas Dé chughainn", ars an té a bhí scannruighthe ag an ngaoith mhóir nuair laguigh sí.

ciúir: *a.* grádhmhar, cineálta, gan cháim, caoin. Thairng an leann dubh as an soitheach go ciúir: go haicillidhe, socair, gan aon bhraon de do ghortadh. Do shuidh sí go ciúir in ucht a máthar, a ceann lé n-a brollach 'sa lámh n-a láimh: go ceanamhail ar a máthair. Cailín ciúir, deaghbhéasach a labhras lé híseal is uasal seadh í: cailín caoin, grádhmhar. Níl aon amhras air, ná gur ciúir atá an leitir sin scríobhtha, féach ar an bpeannaidheacht agus éist leis an gcainnt: gan cháim: thar bárr. Feic **ciúrach**, **bléinfhionn**.

ciúirialta: *a.* gasta, gleóidhte, órnáideach, cúmtha go suaithinseach, cannta, greanta, coimseardha, giobanta, maiseamhail, snasmhar, snaoighte, snasta. Scian chiúirialta seadh í, ní hiongadh í do bheith daor, féach an bhidhis sin innte agus an gléas chun cloch do bhaint as chrúib capaill: neamhghnáth, óirneálta. Nách ciúirialta atá an peann agat ná leigfeá d'aonne féachaint air? nách neamhghnáthach an saghas é, nách ceanamhail ataoi air lé n-a shuaitheantas: nách iongtach agat é seachas aon pheann atá ag aonne eile. Thug sé na bliadhanta buana ins na tíorthaibh soir, agus bhailigh sé gach aon rud budh chiúirialta ná a chéile stairfhiacla trod, seithidhe leomhan a's onchon, sliogáin shuaithinseacha mara, sceana aite etc.: budh neamhghnáthaighe do mhuinntir na háite seo

agus go raibh cuma ortha chuirfeadh iongadh ar dhaoinibh. Oibrigheann sé i seómra ciúirialta go bhfuil gach rud aige ann a theastuigheas uaidh, peictiúiridhe, sráideóga, scáthán, lóchrann teasa agus a leacht rud eile: eachtrannach; neamhghnáth. Ní gábhadh dhuit bheith leath chómh ciúirialta i dtaobh na hoibre, ní go deó theastuigheann uait í do mhaireachtaint, ná ní thiocfaidh aon iondúir ag féachaint uirthe chun í do mheas: chómh cúramach, chómh gasta, chómh spéiseamhail léi. Ars an tseanbhean, "dá bhfaghainn Daingean Uí Chúise mar ritheann sé, ní chaithfinn na hataidhe ciúirialta so atá ag na cailínidhibh óga dhá chaitheamh, buailte go maigeamhail ar mhullach an chinn agus gan oiread báirnigh ionta!: hataidhe go gcuirfeá caoraidheacht ionta lé n-a n-aiteas agus a neamhghnáthaighe. Nách é an sliogán san atá go ciúirialta. Féach a bhfuil de dhathannaibh ann agus na síogaidhe córacha: sliogán go dtógfá ceann gan mhoill de leis na dathannaibh etc.

ciúirialtacht: *b.3.* gastacht, gleóidhteacht, neamhchoitcheanntacht, aiteacht, neamhghnáthacht. Cuireadh ciúirialtacht an domhain eile tímcheall an ghrianáin – casáin ghrinn, sliogáin mhara, fáiseanna deóranta: gleóidhteacht nár ghnáth san áit roime sin. Le ciúirialtacht eolais an tsiúinéara do ghrean sé isteach san adhmad samhaileanna ainmhidhthe agus craobhacha maiseacha: gastacht agus ceárdaidheacht. Ní hé feabhas a chuid píobaireachta, cé gur mhaith é, ach ciúirialtacht na héide a bhí air – mar bheadh cóta mná go glúinibh, agus binn ar a ghuailnibh – a thairng an sluagh air: éadach (gabháil) a chuir iongadh amach toisc ná feacadar riamh roimis sin é ná a lithéid. Ná bac lé ciúirialtacht do chur ar do scéal agus lean leat ar aghaidh mar chualais ó t'athair é: gan seórthaidhe ná aon rud asat féin budh dhóigh leat d'fheabhasóchadh é.

ciumhais: *b.2.* (*ceasa, ciosa, ciumhaiseacha*) faobhar, teóra, buinne, imeall, imeallbhórd: taobh: cliathán: fáthaim. Tair i gciumhais an chíste go deas léd sciain, agus ná lait é, gearraidh mar is cóir é: san bhfíorthaobh amuigh dhe gearraidh stiall éadtrom. D'iascuigh sé leis aníos ar chiumhais na habhann ó n-a béal go dtín loch agus oiread agus priocadh ní bhfuair sé: port na habhann. Ar theórainn talmhan le hais an uisce, ar maidin, thángadar i gciumhais an ghuirt chun treabhtha: cois an chlaidhe nó an fháil. Dá bhfanfadh an bád i gciumhais na taoide ní bhéarfadh oiread farraige uirthe: san treó díreach is sia do shroich an taoide. Thiocfadh do chuid oibre nidh budh shaoráidighe ort dá dtagthá 'n-a ciumhais a's gan léimeadh isteach 'n-a lár: 'n-a himeall: 'n-a ceann. I gciumhais an uisce fuairtheas an fear báidhte: a cheann sa tsáile 'sa chosa tirim ar an gcladach: an teóra mar ar stad an fharraige. Siubhaluigh ciumhais an bharra taoide d'fhéachaint an bhfuil aon raic caithte isteach tréis na hoidhche: an rian díreach d'fhág sé leis an aoirde d'éirigh sé. I gciumhais an tsamhraidh: a thosach. Tá ciosa (ceasa) an éadaigh ag scothadh, caithfear fáthaim do chur leis: taobhacha, teóranta, faobhair: an chuid is sia amach de ag imtheacht 'n-a shnáithínidhibh. Fan lé ciumhais an adhmaid, táir ag gearradh rófhada isteach a's beidh do chlár róleathan: leis an dtaobh amuigh. Déin ciumhais ar an bpáipéar gallda, tairng stríoca le peann luaidhe agus riaghail: fág slighe ar thaobh idir an scríobhnóireacht agus taobh na billeóige: fág imeall (órdlaigh etc.) ann. Chuarduigh sé gach réadh agus machaire don asal fáin go ciumhasaibh na gcnoc a's na sléibhte: go bun: go teóra. Thóg sé bothán ar chiumhais na mara a's d'árduigh an taoide léi é in aimsir láidir: ar bhruach na mara: an-chómhgarach di. Shiubhaluigheas ciumhais an chuain isteach ag féachaint síos i ngach cuas: taobh an chuain, buailte leis an muir.

ciumhasach: *a.* go mbíonn ceasa air: giobanta: críochnuighthe, mar cliatháin éadaigh etc. Bhronn buachaill orm brat muiníl a thug sé ón Éigift, a bhí críochnuighthe go mínchiumhasach, scoth greanta air mórthímcheall: a thaobhanna oibrighthe go maiseach, snasta. Is beag ionad tímcheall annso chun snámha ach cuaiseanna garbh-chiumhasacha: cuaiseanna go bhfuil clocha móra, anacracha ar an gcladach go huisce ionta.

ciúnaim: (**ciúnuighim**) téidhim (cuirim) chun sois; tostaim, cuirim 'n-a thost; maoluighim; mínighim (téidhim i míne); laguighim, cuirim chun suaimhnis; suaimhneasuighim. Go gciúnaidh Dia an t-anaithe seo, níl slinn fágtha ar an dtigh aige: go laguighidh Sé neart na síne. I dtosach na hoidhche bhí saothar is duadh breóidhteachta air ach fé mhaidean chiúnuigh air a's thuit dá chodladh: chuaidh an bhreóidhteacht i luighead air. Mara n-éistir an clab mór atá orm ciúnóchad leis an ndlighe thu: cuirfead it éisteacht thu. Dá gciúnuigheadh sé raghaimís ag iascach: dá dtuiteadh an fharraige a's go maoluigheadh an ghaoth. Ciúnuigh, a dhuine chóir, a's cuir díot an strán, níl cúis feirge ná míobhuidheachais agat: téighir chun suaimhnis. Bhíodh sé go fíochmhar in aghaidh an Riaghaltais, fuair sé beart in earnáil éigin, chiúnuigh san é, nár cualathas focal ó shoin as: chuir san 'n-a thost é. Deirtear go gciúnuigheann oíle an fharraige: go maoluigheann sí aoirde na dtonn. Tabhair biadh don scolfartach muice sin go bhfuil mo chluasa bodhar aice ag scréachaigh le hocras, b'fhéidir go gciúnóchadh san í: go gcuirfeadh sé ó ghlór do dhéanamh í. Ciúnuigh, ní thuigeann sé thu, táir ag cainnt ró-árd, róthapaidh: labhair níos ísle agus níos réidhe. Deich mbliadhna ó shoin budh mhór an gleódh é, is iomdha rud go mbeadh lámh a's cuid aige ann, é i mbéal na ndaoine ar fuaid an cheanntair, nách é do chiúnuigh, ní chloisfeá aon rud anois 'n-a thaobh: a imthigh ó fheighil na coitchiantachta.

ciúnuighthe: (**ciúinte**) *a.r.* sosta, tláthuighthe: curtha in éisteacht: curtha chun socruighthe: maoluighthe, mínighthe. Chaithfead d'admháilt go bhfuilim ciúnuighthe 'ged chuid argóna, mar ná fuil fuil freagra freathálach agam ar do chúigeannaibh: curtha im éisteacht. Lé faid agus olcas an bhealaigh (mara) níor mhór liom don bhfarraige bheith níos ciúnuighthe ná mar tá, féach na coilichínidhe sin agus na cóchanna: maoluighthe, laguighthe. Ar mbeith don mbruighin ciúnuighthe agus síothcháin déanta dubhairt fear maith éigin a bhí ar an gcuideachtain iad do chrothadh lámh agus faltanas do chaitheamh uatha: an bhruighean stadta: an lucht troda 'n-a suaimhneas. Stailceamhail, teasbamhail a dhóthain do bhí an capall ar maidin, ach tá sé ciúnuighthe breis ag an obair anois: maoluighthe: beartha chun socrachta. Chuir Sasana toisc chúitimh annso in aimsir na ndubhchrónach le hionchas go mbeadh na daoine ciúnuighthe aice fé leathbhliadhain: curtha fé chois: curtha ó bheith i ndán tuilleadh troda do dhéanamh. Féach anois air, sé atá go ciúnuighthe, 'n-a lánshuan, agus i dtosach oidhche is é a bhí go suaidhte, glórach ag gleódhgháil 'sag amhrán: claoidhte.

ciúnuightheóir: *f.3.* duine nó rud a mhaoluigheas, a shosas etc. Is rímhaith an ciúnuightheóir an deoch mhearbhaill, féach an t-aindeiseóir sin 'n-a mheig aice: ara chun a churtha chun tosta. Iarradh orm bheith mar chiúnuightheóir idir an mbeirt choimheascair, chainntigheas iad go ciallmhar, chómhairligheas iad gur b'í an troid díogh, ná beadh dá bharr aca ach a chéile do scrios ó thigh a's ó thalamh: mar fhear

teasardha: mar fhear síothchána. Níl aon chiúnuightheóir chómh maith leis an mbás mar is é an ciúnuightheóir deiridh é: an marbhthóir.

ciúrach: *a.* go maith, sochma, deighmhéineach, fonnmhar, féicheamhanta. Crudaidh an chiúrach (bhléinfhionn) agus tálfaidh sí gan doicheall: an bhó shochma (bó éigin, is dócha, go raibh a hainm anáirde chun bainne do thál, ar nós na Glas Gaimhnighe). Cuir buag sa tsoitheach, sin é, anois, a bhuachaillidhe, tá an chiúrach bhléinfhionn ag tál a's ní bheidh oraibh íota ná tart: an barraile ar a shilleadh. Bímís ciúrach lé chéile, seachnuighimís spochaireacht: bímís sochma, míonla agus ná bímís ag tabhairt péac focal dá chéile. An-chiúrach go deimhin an sagart é i mbosca na faoisdine, ní dóigh liom mara mbeadh marbhadh ar leithrigh déanta agat go séanfadh sé asplóid ort.

clab: *f.1.* béal mór; craos; oscailt mhór. Conntabharthach an duine i mbaile fear go mbíonn clab rómhór air, gach scéal, fíor a's bréag ar a theangain aige: ag síorinnsint an uile rud do chloiseann sé. Scannruigh clab an chraosaire lucht an bháid nuair leath sé agus sciob maide rámha leis 'n-a bhéal: fairsinge agus méid béil. Dá bhfeictheá an clab feóla d'itheadh sí i ngach béalóig: geannc mhór, ghroidhe. Dún do chlab a's ná bí ag cur asat mar bheadh muileann: do bhéal scaoilte, ar leathadh chun aighnis. Chuaidh sé fear isteach fé chlab na cloiche bhí an poll chómh fairsing sin. Ní béal atá ort ach clab!: béal rómhór.

claba: *f.1.* an chuid den mhaide rámha a luigheas ar an ádhbhar. Maididhe gan puinn maitheasa seadh iad so a mbíonn clabaidhe móra ortha.

clabach: *a.* mórbhéalach: cainnteach: suainseánach: ramharphusach. Ní thaithnigheann daoine clabacha liom mar níor dhóighchighe-de iad ag cur síos ar dhaoinibh liom ná ag cur síos orm leó-san: daoine a bhíos ag cúlchainnt 'sag tromaidheacht do shíor. Ainmhidhe mórchlabach seadh ainmhidhe na seólta, shloigfeadh sí fear go bog: craos mór, leathan, fairsing. Nách míochórach clabach an béal atá ar an bhfear san, tá a liopaidhe chómh ramhar lé liopaidhibh bó, ní ghá chasadh leis é: liopaidhe móra, troma, neamhsciamhach. Maididhe (rámha) clabacha: maididhe go mbíonn smut curtha leó i dtreó an ádhbhair go raghadh an dola tríd. Chuir an tuinncéir clab ar an gcalán chun gur bh'fhéidir an bainne do scaoileadh amach as go cruinn: béal beag.

clabaighe: *b.4.* béaloscailteacht: scailfhéithean: bladhgaireacht. Buaileadh é lé n-a chlabaighe, dá mbeadh greim ar theangain aige ní chuirfeadh aonne barra méire air: iomad cainnte gan deallramh. "Cad ná déanfadh sé leat nuair thiocfá treasna air – stracfadh sé as a chéile thu mar stracfadh cú cat, bhrúghfadh sé do chnámha ar nós na míne, d'íosfadh sé lé gráinne salainn thú, dhéanfadh sé iallacha bróg díot!" – "nuair chídhfir é, abair leis ná fuil aige ach clabaighe agus ná déinim de ach 'féar faille'": cainnt, cainnt, nuair ná bím láithreach agus gan é i ndán tacaidheacht léi.

clabaire: *f.4.* bladhgaire, duine a bhíos ag síorchainnt nó a thagras do scéal nách ceart: glagán muileann: teanga cluig. Cad mhaith clog gan clabaire? ní ghnidheann fuaim: an teanga: an méid de do chorruigheann istigh ann a's do bhuaileann. Táthar ag éisteacht leat anois, a chlabaire, lé huair an chluig ar a luighead agus níl duine ná rud ná go bhfuilir ag

séideadh asat fé, gan chiall, gan fuaimeant: duine mórfhollamhfhocalach. D'imthigh an clabaire den mheidir a's scaip an t-uachtar fén úrlár: an chómhla bheag a bhíos uirthe.

clabaireacht: *b.3.* gleódhghal gan deallramh, gliogaireacht: ag cainnt go hait: ceann sáidhte i ngach scéal. Clabairt na gréine gile a bhí air, Dé Domhnaigh, tréis aifrinn ag cur síos ar ar thuill sé d'airgead san Oileán Úr a's a fhios ag an saoghal mór nár thug sé pingin ruadh abhaile leis: budh mhór an seódh a ndeárna sé de chainnt gan bhun gan bhárr. Chaith sé an lá ag clabaireacht ón árdán ar phoilitidheacht a's gan suim ag aonne ann mar níor tuigeadh leath a ndubhairt lé neamhchruinneas a's aineólas: ag cainnt go dothuigseana a's go neamhshoiléir. Níor mhaith leis an máighistir é do chur ag léigheamh, mar rug duadh an diaill ar an bhfear bocht leis an gclabaireacht chainnte a bhí aige: cainnt neamhshoiléir, dhocht, a théigheadh deacair air do chur de. A Liam, stad, a's ná bí ag clabaireacht, tá mo chluasa 'n-a gcuaráin agat: ag cainnt ós árd ag cur daoine amugha. Clabaireacht ar fad an fear san, ní bhuailfeadh sé cuil dá mhéid bagartha atá aige: cainnt árd gan cur léi.

clabar: *b.4.* bainne géar ramhar. Ag ól an chlabair do bhí a rian ar a chroimbéal, bhí an bainne chómh righin sin.

clábar: *f.1.* salachar, draoib righin cheangalach, pludadh, múnlach, guta. Ar éigean d'fhéadfadh na capaill a gcosa do bhreith leó sa talamh, bhí clábar go rúitín ortha: guta righin a cheangail díobh tímcheall a gcrúb. Níl an bóthar intsiubhail ná ní bheidh faid bheidh trí h-órdla(ighe) clábair air mar tá: gutadh. Sin mar bhíonn ag leanbhaidhibh ag gabháil trí gach áit is sailiche 'ná a chéile go mbíonn císte clábair ar a gcuid éadaigh: clúduighthe lé pludadh a cheanglas isteach ortha. Áit chlábair seadh an tuath i gcómhnáird leis an gcathair: áit go mbíonn plúdadh ann in aimsir fhlich.

clábarach: *a.* plúdamhail, salach. Budh chlábarach lé cigire na Sláinte na buailteacha tímcheall an tighe, agus chuir sé an dlighe ortha, dubhairt go mbíodh boladh múnlaigh ann: budh shalach leis é. Cá bhfaghfá áit is clábaraighe ná tímcheall ródh bó: áit is iomdha aoile is salachair.

clabhadh: *f.* cearcail an tsimné, an clúdach i bhfoirm Δ do fightí lé tuigidhibh chun an deataigh do bhreith anáirde go dtí brollach an tsimné. Beidh deatach agaibh go gcuiridh sibh clabhadh lé nbhur simné: an saghas úd fearais. Sáidh an deimheas fén gclabhadh (chun ná tiocfadh meirg air) áit a chongbhóchaidh é go mbeadh gnóth airís de. Drochshaoir atá ag imtheacht indiu; tá rian air, tá drochchlabhaidhthe againn ná tairngeann deatach.

clabhcánaidhe: *f.4.* duine go mbíonn cosa móra, leathana, lioca air: duine neamhéascaidh ar a chosaibh. Ní oirfeadh aon bhróg siopa don gclabhcánaidhe, caitheann a thriall do bheith ar an ngréasaidhe: cosa móra, míochúmtha gur b'éigean a dtuise thógaint agus bróga speisialta do dhéanamh do. Ní tapaidh chun bóthair do chur de an clabhcánaidhe, nách ualach ionta féin na bróga san air: bróga móra troma ar chosaibh móra, aindeise.

clabhstar: *f.1.* rud aindeis, dúr. Lé déidheanaighe tá clabhstar ag déanamh de anuas ar an dtalamh, níl preab ná spirid ann, is ait liom san d'fhear óg: duine mall, neamhéascaidh.

clabhsúr: *f.1.* críochnughadh aon oibre mar baint na móna, treabhadh, cur (arbhair etc.): scríobh leabhair: an t-ualach deireadh: an fhleadh do caithtear i ndeireadh oibre, mar bualadh arbhair agus a lithéid. Obair fhada agus beagchabhair is fada ó chlabhsúr sinn: ó chríochnughadh. Brostuighimís leis an gclabhsúr (agus sinn ag ceangal guirt choirce) sin í an bháisteach chughainn sara fada: luathuighimís go mbí an obair curtha i gcrích againn. Seo saothar tromualaigh deacair, mar is follas don léightheóir, agus is fada fós ó chlabhsúr dom: ón leitir "u"! Lé linn buailteóireacht bíonn clabhsúr in áiteannaibh áirighthe – is nós aca é – ar chríochnughadh na hoibre: fleadh nó siamsa, rinnce a's ceól. Seadh, tá súd déanta agam duit, fógraim clabhsúr ort: cuirim fé chuing thu ceileabhradh do dhéanamh air mar chómhartha go bhfuil gníomh déanta.

clabhta: *f.4.* leathamadán, breillice, duine baoth gan urchóid: éadach a bhíos ag glanadh mar chídhfeá ag giofóig ag cuimilt úrláir: buille leis an láimh oscailte. Is í do ghlanadh agus do sciorradh beistidhe an bhainne lé clabhta glan agus tor craoibhe: smut éadaigh a thumadh sí in uisce bogthe agus do chuimleadh laistigh des na beistidhibh. Níor ghábhadh dhon ngaige sin nár leig don gclabhta bhocht saonta ná cuireann cruisteach ar aonne agus gan bheith ghá imdheargadh: an duine meastamhail ar féin ag tarcuisniughadh an fhir mhaoil mhacánta. Thóg an máighistir le clabhta baise é os cionn talmhan nuair nár thug sé an freagra cóir: buile trom leis an láimh ó righe go bárr méireann. Meallann siad a chuid airgid uaidh, oibrigheann sé dhóibh, 'n-a dhiadh san a's uile, níl meas madra aca air, tá an t-aindeiseóir 'n-a chlabhta ar fad aca: táid ag gabháil de chosaibh ann: tá sé ar a dtoil féin aca: tá sé n-a leighcide aca. "Fan socair", ars an mháthair leis an leanbh, "ar eagal go bhfaghfá clabhta deas treasna an leathchinn": buile sa leicinn. Caith dhíot na clabhtaidhe bróg san a's ná feiceadh aonne ar shráid an bhaile thu leo, cuir do bhróga lae shaoire ort: bróga móra troma aindeise, neamhthaithneamhacha. Dún an clabhta béil sin ort, nó sloigfir duine éigin: béal mórphusach.

clabhtáil: *b.3.* bualadh, smísteáil leis an láimh oscailte: crústáil: tuargaint. Fuair sé an oiread san clabhtála ón máighistir ar scoil gur bh'éigean an dochtúir do bhreith chuige: smísteáil an máighistir an oiread san é. "Á, ná clabhtáil an turus so me a mham, a's ní dhéanfad faic as an slighe go deó, deó airís": ná buail buille smachtuighthe orm. Chaitheadar (cóip na sráide) an tráthnóna ag clabhtáil a chéile gur dheighil na gardaidhe iad: ag gabháil ar a chéile. Chuala go bhfuair buailimsciath ár mbaile-ne a chlabhtáil Dé Sathairn, a's ní haon díobháil sin, is fada ag rith leis: gur ghaibh duine éigin as lán a shaic air. Clabhtáil budh mhó ná í is annamh riamh do fuair bád beag ar an bhfarraige, chaith sí dhá uair an chluig ag teacht treasna an bhealaigh bhig: suathadh agus tuargaint. Cad thugais ar na clabhtaidhe sin dod chapall? an saghas adhastair cinn go mbíonn blúiridhe leathair ar an dtaobh deas den súil dheis agus ar an dtaobh clé den súil chlé ag cosaint an radhairc.

clabóg: *b.2.* duine go mbíonn a bhéal ar síorleathadh aige ag cainnt. Sochraid, bainis ná cruinniughadh ní bhíonn air gan bheith 'n-a chlabóig, budh dhóigh leat air ná beadh aonne eile ann ach é: do shíor ag cainnt 'sag ráiméis gan éifeacht go gcloisfí é.

clad: *f.3.* cnocán, clais. Is iomdha clad breágh maircréal do bhíodh ar barra Fhaille Cliath maidean tréis oidhche iascaigh, anois ní bhíonn a shúil ann: carn: bailiughadh mór i bhfochair a chéile: clais. Thairng sé clad mór aoiligh ar an ngort chun a leasuighthe go maith: clais mhór: cnocán mór. Chruinnigh na himirtheóiridhe go léir tímcheall na caide (na peile), iad ag sádhadh a's ag brughadh a chéile gur thuiteadar i gclad a chéile: i ngabhal a chéile, tóin thar cheann: in aon charnán nó bruth gur dheacair iad d'aithneamhaint ó chéile.

cladach: *f.1.* (*iol.* –aigh, -aighe) an tráigh: an talamh idir bharra taoide agus lagthrágha. I ndlighe na Rómhánach b'é an cladach an fhaid a's shroichfeadh an t-uisce dob aoirde sa gheimhreadh: fóraoil chloch. Fágadh ar an gcladach me! níor tugadh ag iascach me: níor chuir aonne aon tsuim ionam a's níor bacadh liom. Baineadh treascairt ar threascairt as, é ag sleamhnughadh ar an gcladach cloch: an fhóraoil ná raibh gainimh ná grean ann. Bliadhanta ó shoin budh chuimhin liom cladaighe éisc i nDún Chaoin, ó theacht throllairidhe Shasana leigheadar: oiread san éisc go gclúduigheadh sé na cladaighe nuair follamhuightí na nadhbhóga. Thug sé léim faille go cladach gur ídigh sé é féin: léim anuas díreach gur mhairbh é féin lé n-a thoil. Chonnac an corriasc ar chladach na habhann ag faire na mbreac a's na n-eascún san linn: ar an imeall grin. Cladach cloch ach tráigh ghainimhe, ghrin. Bíonn cladach lachann aice: is í atá ar a dheis annsúd cois abhann. D'árduigh an ólaidhe árd an nadhbhóg léi agus níor stad ná níor fhuar léi gur chaith sé suas tirim ar an gcladach í: ar an áit a bhí in imeall an uisce.

cladhaire: *f.4.* rógaire, fapaire, ruifíneach, bitheamhnach, cleasaidhe bob: droichtheangbhálaidhe: lúbaire, duine camchonbharsáideach, gleacaidhe fealltamhail, leadaidhe, leisceóir. Cad é mar chladhaire é! tréis dul in urradhas sa bhannc air lé linn a chruadhtain d'fheall sé orm agus b'éigean an dlighe do chur air sara ndíolfadh sé: duine lán de cham a's de bhitheamhantaidheacht 'n-a chroidhe. Leig sé air go raibh sé sillte leis an ocras a's gan ach biadh caithte díreach aige, go bhfaigheadh sé fiacha béile uaim: an rógaire: duine a bhí d'iarraidh boba gan gábhadh leis do bhualadh orm. Is minic a deirtear lé seódh é, dá mbeadh duine ag buadhachtaint gach cúige ar chártaidhibh agus go rángóchadh a bhualadh agat fiú amháin uair amháin déarfá, "a chladhaire, taoi agam!" tá beartha ort, buaidhte ort dá mhéid a bhí ag éirghe leat. Cladhaire mic é seo agam ná déineann tamall oibre ó cheann ceann na seachtmhaine, leathscéal éigin i gcómhnaidhe aige: lúbaire fuar, díomhaoin. Buail amach an cladhaire madra san, ní fhágfadh sé faic in árus ná i gcófra gan árdach leis: gadaidhe madra a bhíos go glic ag faire ar a chao sciobtha d'fhagháil. Cuirfead geall gur b'é an cladhaire cait a chuir íde ar an iasc nuair fuair sé mo dhrom leis: bitheamhnach oilte. Cá bhfuil, a cháirde, cladhaire mar an bás, nách fios cathain, connus ná canad a luigheann sé an deárna orainn? ar do thí do shíor go neamhthrócaireach. Dubhairt sé liom ar a fhocal sollamhanta gan an ball do bhí agam d'fhágaint go bhfilleadh sé agus go mbeireadh síob. Dá mbeinn ann ó shoin ní fhillfeadh an cladhaire: an feallaire: duine gurbh é a aigne ó thúis me do mhealladh. Croch a's gad atá rómhaith don gcladhaire sin a ghearraidh eireaball bó a chomharsan: ropaire: crochaire gan truagh gan taise: duine neamhscropallach. Nuair connacthas do go bhfeachtas go raibh an t-airgead go héagcórach aige dhearbhuigh an cladhaire nách amhlaidh do ghoid sé ach go bhfuair sé ag dul amugha é, agus gur dhearmhad do gan é

d'fhógairt: lúbaire, gan teóra leis na boghaisínidhibh a dhéanfadh sé chun teacht as lúib a dhaortha. Níor dhíol an Búrcach (siopadóir sa Daingean) riamh aon dubhán a bhéarfadh ar an gcladhaire sin, lé n-a ghliocas a's a chamasghail: a bhéarfadh air ag déanamh aon ruda as an slighe: lúbaire glic amach a's amach. B'iad na cladhairidhe iad agus glaodhach amach as a leabaidh air ar dhúmas go raibh a dhreáthair ag brath air in áit éigin agus annsan é do lámhach as fhuil fhuar: daoine táire gan mhotháilt, gan choguas. Níl aon chladhaire ainmhidhe mar an mada ruadh, ag foghlú 'sag fuadach 'sag breith a chos leis le gliocas ceart: ainmhidhe gur deacair léigheamh ar na cleasaibh atá aige chun teacht ar a chreich. Tháinig cladhaire chugham ag dul isteach im bholg lé plámás a's tláithínteacht go dtabharfainn airgead ar iasacht do; thugas; a thamhas ná a thuairisc ní bhfuaireas riamh ó shoin: gleacaidhe milis, sleamhain: fear lúbach a bhí ar thí mo dhíobhála ó thúis deireadh a's gan aon scropall air.

cladhaireacht: *b.3.* cleasaidheacht mhealltach, gníomh táir, rógaireacht, bitheamhantaidheacht, fleascacht, lúbaireacht, leadaidheacht, díomhaointeas. Níl cladhaireacht lasmuigh den bhfear san, is beag tigh ar an mbaile nár thóg earraidhe ann ar cáirde agus b'éigean an dlighe do chur air chun díolta, agus níor lé n-a bhochtanacht é: lúbaireacht d'iarraidh dulta as a dhualgas do chúiteamh. Seasaimh dom, táim sciocuighthe, spallta leis an dtart, sheasóchainn féin ach me bheith dealbh, ar mh'anam nách aon chladhaireacht í: ní ag leigeant orm atáim. Ní lé ceal nirt ná hoibreóchadh an capall san ach lé cladhaireacht: neamhfhonn oibre. Lé cladhaireacht do fuair sé seilbh mo chuid talmhan, dul go dtí fear na bhfiach a's a rádh leis teacht orm, me d'éigean an talamh do chur anáirde go gceannóchadh féin a's go n-íocfadh fear na bhfiach: lúbaireacht: gníomh táir gan bhraithstint dómhsa. Féach ar sin de chladhaireacht ag mangaire na n-ubhall, na rudaidhe ramhara do chur ar barra agus na rudaidhe miona in íochtar, áit ná feicfí iad: cleas úiríseal ar fad.

cladrach: *a.* glórach, fothramamhail. Oidhche budh chladraighe ná í níor tháinig ó oidhche na gaoithe móire, cnagairt dhá bhaint as shlinn, fuaim as sheanfhallaidhibh, iothlacha dhá fhuadach: budh mhó glóir a's formáil. Dhall na splanncacha amach mé agus dhein an tóirneach cladrach chómh bodhar lé cloich me i ngabhal an chnuic: an tóirneach go raibh an fothram agus an cnagarnach aice ag réabadh an aoir. Tuiteann mórchuid uisce leis an sconna a's bíonn fuaim chladrach aige ná cloisfeá ag poll do chluaise an té a labharfadh leat.

clagadh: *f.* (*-tha*) clagairt, ag bualadh go pras: teachtughadh. Go saoraidh Dia sinn ar shín ár ndíobhála, is mór an clagadh ar bháistigh lé mí é, gach aon áit báidhte: bualadh trom. Dhein clagadh den bhfuil ar an gcneadh, toisc nár nigheadh a's glanadh í: theachtuigh sí: chruaidh sé go tirim. Dubhairt an dochtúir gur clagadh fola ar an inchinn aige budh thuar báis do: an fhuil do chruadhadh agus do ghreamughadh.

clagairneach: *b.2.* báisteach throm, uisceamhail. Caith dhíot anuas go mear ar eagla fuachta, chuaidh an chlagairneach go smior ionat: leis an bhfuinneamh a bhí fúithe: báisteach thar meón. "Clagairneach! ambaist", ars an fear ar shádhadh a chinn 'on doras do agus ar fheicsint na báistighe: sin báisteach dáiríribh. "Clagairneach!" ars an duine nuair chonnaic sé cor hochtair ar siubhal agus glór 'ge brógaibh a's béic ag beólaibh:

fuaim a's fothram. Triúr ceoltóiridhe aca ar an mbainis, cá mb'fháth ná beadh clagarnach cheóil aca: fuaim na ngléas. Sín shneachtaidh ná sín chlagarnaighe, fuacht, drúcht ná gaoth ní chuirfeadh isteach é: duine gan beann ar bith ar an aimsir.

clagairt: *b.2.* cnagadh cruaidh, bualadh trom, tiugh: mionbhualadh. Néal chodlata níor leig an chlagairt orm i rith na hoidhche: an glór a dhein an bháisteach ar an dtigh. Téighir fé scairt nó scáth éigin tá clagairt chughat: báisteach a bhéas ag bualadh chómh tiugh, trom san go mbeidh glór aice dhá bhaint. Ní fhéadfadh sé bheith n-a rinnceóir mhaith, bíonn an iomad clagairte 'ge n-a bhrógaibh: glór a's fothram. Ráthuigh an t-iasc chómh tréan, iomadamhail sin go raibh clagairt aige ag dul 'on líon: glór dhá bhaint as an snáthach. Bíonn clagairt ar Ghaedhling sa cheanntar so sa tsamhradh nuair thagann daoine ann ag gabháil di: ghá spreapadh go pras a's ghá foghluim ar a ndícheall. Dhúisigh an cloichshneachtadh me ag clagairt ar an bhfuinneóig: an glór mion, tiugh, cruaidh a bhí aige. Buail isteach, tá clagairt ar dhigh sa tigh sin, í siar síos dhá ól a's dhá ghlaodhach: bualadh, í ag teacht go flúirseach, rabairneach. "Bainfead clagairt as do leathcheann" ar seisean, "mara stadair de bheith ag spochaireacht orm": fuaim le neart mo bhuille. Cheannuigh Liam beag mílseáin chruadha, agus mar tá an dúil mhairbh aige ionta, bhí clagairt choganta aige: glór mór.

clagaithe: *a.r.* tachtuighthe, téachtuighthe. Chuaidh an lóchrann teasa ar míghléas, mar bhí an buaiceas clagaithe ag smúit éigin a tháinig aníos as an oíle nuair séideadh é: smut stadta sa tsraoth. Ní fhéadfí an gluaisteán do chur ar siubhal, mar bhí rud éigin clagaithe istigh ann: rud éigin ná hoibreóchadh i gceart toisc an tsraoth bheith tachtuighthe (gan gaoth nó aer do bheith aige). Nightear an fhuil chlagaithe sin ar an gcneadh sara gcuirtear aon cheiridhe léi: an fhuil atá téachtuighthe nó go bhfuil scailp déanta dhi.

clagar: *f.1.* báisteach throm, ghlórach. An iongadh an mhóin do bheith 'n-a spairt agus an clagar go léir a rug uirthe ar sraith?: na tulcaidhe móra uisceamhla.

clagarnaghail: *b.3.* (*-naghala*) tuiteam trom báistighe: níor bh'iongadh gan é bheith buan budh mhinic fliuch fuar ar muir a's ar tír é i ngort a's ar bhóithribh fada: báisteach throm leadaránach.

clagfhiadhain: *a.* ait, iomrallach, gan aithne beart. Chídhtí fear clagfhiadhain ar shráideannaibh Átha Cliath, cloidheamh, slat iascaigh, bairéad go n-a chleite air agus rudaidhe éagsamhla eile: slighte neamhchoitcheanna, neamhghnáthach fé. Bhíodh fear clagfhiadhain ar an mbaile seo againne le linn m'athar, go soirbhighidh Dia dhóibh, Séamas Gleastar b'ainm do, go mbíodh casóg mhór air ar lá an tsamhraidh, agus nuair cuirtí in iúil do é deireadh, "budh chóir an rud a choimeádas amach an fuacht go gcoimeádfadh sé amach an teas", agus a deireadh nuair fógairtí dho go mbíodh a bha sa gheamhair "ní íosfaidh siad airís é" agus a chapall do bhagairt ó scéimh na h-aille, "Dar Fiadh tá dhá shúil aige féin": fear ait.

claibéis: *b.2.* gliogairnéis, gliogaireacht, brasaireacht, cainnt ó mhaidean, giobstaireacht, giosaireacht, glisiam, siotha seatha. Cuiridh uaibh an chlaibéis ar phóstaidheachaibh ná déanfar a's labhraidh ar rud éigin go mbeidh fuaimeant leis: an siotha seatha gan ciall ná

brigh leis. Bhodhair sé me le claibéis ar an rud so a's ar an rud úd, a leath níor thuigeas: é ag cainnt gan bun. Claibéis an domhain atá ag an leanbh mbocht d'iarraidh é féin do chur in iúil, gan an chainnt tagtha fós do: gibiris. Aon scéal ní thuigfeá as a chuid claibéise, ní abrann sé céadamhadh cuid na bhfocal i gceart agus cuireann sé bunoscionn gach nidh a bhíos dhá innsint aige: briollabhrealla: cainnt gan éifeacht. A bhualadh ní tháinig treasna riamh orm, tá sé ag claibéis i rith an lae ar gach aon rud fén spéir a's gan aon bhun leis: ag cur as gan chiall. Stadaidh den gclaibéis, a leanbhaidhe, ní fhéadfainn sibh go léir do thuigsint in aonfheacht: glisiam gan aon fhuaimeant léi.

claibéiseach: *a.* mórchainnteach; tionnscalach. Duine claibéiseach seadh thu gur chóra dhuit gan leathoiread cainnte bheith agat agus gan do cheann do shádhadh i gcúrsaidhibh dhaoine eile: duine nách féidir leis srian do chur leis an dteangain aige. Dá mbeidhfeá gan bheith chómh claibéiseach, do chúram féin do dhéanamh a's gan labhairt ar mo shon-sa lé haonne bhein níos buidhthighe dhíot: gan bheith tionnscalach: ag déanamh do chúirim féin de chúram na ndaoine eile.

claibín: *f.4.* clab beag, béilín: cómhla bheag: buag buidéil: laiste dorais. Cuir an claibín ar an ndoras, tá siolla gaoithe tríd isteach: greim nó ceangal dorais a hárduightear lé córda nó birín iarainn ón dtaobh amuigh go mbíonn ionad na hórdóige ann. An claibín a bhíos ar an leathóig bíonn chómh beag san gur dhóigh leat ná raigheadh aon dubhán ann: an béilín suarach. Claibín beag a bhíos ar an meidir chun an uachtar do chur innte a's chun ná beadh sé ag scéitheachtaint nuair beidhfí ghá casadh: comhla bheag ná bíonn dhá oiread do bhaise ann. Bíonn claibín ar chrúsca gurbh fhusa an leann do scaoileadh as.

claibínteacht: *b.3.* síorchainnt mhórfhoclach. Mara mbeadh a chlaibínteacht féin ní chuirfeadh aonne chuige ná uaidh, é gan scur ag giobaireacht ar a lucht éisteachta: ag cainnt gan staidéar.

claidhe: *f.4.* fál, tógbháil chloch nó fód nó sceach nó fál mar bheadh idir dhá ghort; fáthaim árd in éadach (*iol.* cladhthacha). Tairngeadh claidhe tríd an ngort mór a's deineadh dhá leathanach de: déineadh tógbháil chloch nó fód tríd treasna gur deineadh dhá chuid de. Claidhe cúil do chuireadh leis mar ná raibh go leór cloch do: claidhe agus aghaidh chloiche leis. Bíonn an claidhe fód go maith nuair fhásann sé go dlúth 'n-a chéile: claidhe cré a's uachtar glas na talmhan. Fód den díg dhá fhód den gclaidhe: an fód a baintear doimhnigheann sé an chlais taobh leis agus árduigheann an oiread céadna air. Cé go raibh sé i bhfad n-a gcuideachtain go léir d'fhan sé ar an gclaidhe dho féin nuair bhruigheandar eatartha: níor thaobhuigh sé lé haon dream aca. "Is maith an t-iománaidhe an té a bhíos ar an gclaidhe": dar leis an té ná bíonn ag imirt gur fearr imreóchadh sé féin ná aonne ar chródh na himeartha. "An fada uait do chómhnuigheann an fear san thiar eadraibh?" – "i gclaidhe na teórann agam": buailte liom. Obair? a dhrom le claidhe seadh bhíonn aige: díomhaoin, glan. Cois claidhe libh ón gcioth: téighidh 'n-a fhoithin. Scriosadh an ceanntar ar fad ag an dtuile mhór, níor fágadh claidhe ná scairt 'n-a seasamh: tógbháil cosanta guirt ná fasc fothana. "Connus tá a shláinte siúd anois?" – "ag léimeadh a chladhthach!": lán de lúth a's de neart. Claidhe go leagtar ort! mara an me atá cráidhte clipighthe agat: marbh go rabhair a's nách aon chur in uaigh a déintear ort ach an t-adhlacadh so is fusa. Ag cur an chlaidhe dhíom mar is féidir liom: d'iarraidh

maireachtaint chómh maith a's tá ionam. Bhíomair lé chéile ag rás ar lán an bhata ach bhain sé an claidhe díom: bhuaidh sé orm: shroich sé ceann spric rómham. Capall cuthaigh ná coimeádfadh claidhe ná fál: capall lúthmhar a léimeadh thar aon rud do cuirfí chun a choimeádta. Ní chongbhóchadh claidhe ná fál na caoire céadna: caoire bradacha gur deacair iad do chongbháil as fhoghail. Farraige fhiadhain a's í 'n-a cladhthachaibh orm aniar: na tonnta chómh so-amhairc agus bhíonn na teórannta cré nó cloch nó eile ar an dtalamh tirim. A thuilleadh ní fhéadfainn dul, tá claidhe rómham, ceist rómhuirearach dhom seadh í: constaic do-chlaoidhte. Cladhthacha an diaill bhuidhe atá curtha aige dhe lé n-a shaoghal, tá dearmhad orm nó gheóbhaidh sé tríd an mbráca so, leis: constaicidhe agus iomardaidhe móra.

claidheachán: *f.1.* rianán claidhe nó tógbhála. Roim an drochshaoghal bhí baile mór go maith annsan, scaip na daoine leis an amhgar, chuaidh na tighthe i léig is ná fuil ann indiu ach a gclaidheacháin: rianáin dofheicse mar a raibh na fothaidhe.

claidheamh: *f.1.* (*iol.* -dhimh, -dhmhthe) arm troda mar bheadh scian mhór fhada láidir: arm chun gearrtha agus sáidhte a iomcharthar ar an gcromán agus dob é an t-arm gnáth i gcómhrac láimh ar láimh. "An bhfuil aon eagla agat roimis?" – "níl, creidim, má bhuadhann sé féin go raghad go crios an chlaidhimh air": an-dhian ar fad: i ngiorracht buadhachtainte. Téighimís ar chlaidhmhthibh le chéile: bíodh claidhmhthe mar arm throda eadrainn. Nuair thóg Cromaill Droichead Átha thug sé an claidheamh don bpobal: cuir sé chun báis iad leis an gclaidheamh. Chuir sé chun an oiread san feirge me nár bh'fhearr rud a bheadh agam chuige ná claidheamh: dá ghéireacht agus dá mharbhtha arm a bheadh agam ní bheadh aon truagh agam do é d'imirt air. Mhúscail gleódh na gclaidheamh mac alla ameasc na gcnoc: a mhéid agus a fhíochmhaire bhíodar ag troid leo. Dá mbeadh faobhar claidhimh ar an sciain laitfeadh an t-útamálaidhe é: faobhar géar. Tugtar faobhar an chlaidhimh don méirleach ars an ceann urraidh nuair chruthuigheadh gur scéidh sé leis an namhaid: baintear an ceann de! Budh chiúin, neamhanamamhail leis claidheadh lé feirmeoireacht chuaidh sé leis an gclaidheamh: luigh sé lé saighdiúireacht an chuid eile dá shaoghal.

claidheamhach: *f.1.* fear cliste ar chlaidheamh. Gearaltach a bhí san Leitir Iubhach deirtí ná raibh aon teóra leis mar chlaidheamhach, ar pháirc an bhuailte throid sé beirt chlaidheamhach éachtach lá sa bhFrainnc go dtí nár fhan aige ach an méid den dornchladh go raibh an t-adhmad air. As san gairmeadh "Muiris an Chipín" air.

claidhtheóir: *f.3.* duine a thógas cladhthacha. Ní h-amháin ná fuil meas saoir agam air, ach níl meas claidhtheóra agam air: níl sé i ndán cloch do chur i bhfalla ach an oiread díreach a's tá i gclaidhe.

claidhtheóireacht: *b.3.* ag straillidheacht ó ghort go díomhaoin, ag imtheacht ó chlaidhe go claidhe a's ó thor go tor ar nós garsún ar thóir éan: ag fiadhaire feádhacht. Ag maoidheamh as a chuid feirmeóireachta atá sé, claidhtheóireacht is iomdha a bhí ar eólas aige: a dhrom lé cladhthachaibh: díomhaointeas. Ní haimsir chun aon nidh eile do dhéanamh í ach claidhtheóireacht: ag tógaint chladhthach. Scata garsún aca a bhí ar thóir

éan lé "léaspaire" agus claidhtheóireacht dóibh do thuit duine aca agus briseadh a chos: ag dul tar cladhthachaibh.

claig: *b.2.* clais: cabhán: ísleán, log: cúm. Claig idir chnocaibh seadh an paróiste céadna: clais mhór fhada: ísleán doimhin. Bhuail sé an stán lé bosca buile agus chuir sé claig ann go bhfuil cor anois ann a's ná téidheann an chlúid i gceart air: lag isteach ann a's gan an cliathán do réir a chéile. Claigeanna agus ardáin seadh an talamh atá agam, is deacair é d'oibriughadh: laganna go tiugh ann: aimhréidhteacht. Ó, ar mh'anam gur duine claig-éagconnta aonne a bhuaileas a chómharsa mar gheall ar a ghamhain do dhul tar chlaidhe air: duine gan aon néal mheabhrach.

claig-éagconntacht: *b.3.* gan puinn éifeachta: suarachas céille: neamhruthag: aeridheacht. Sin mar chaitheann sé a shaoghal le claig-éagconntacht, ag rinnce annso anocht, ag amharc péile i dTráighlí ambáireach, ag rothaidheacht go Corcaigh an tseachtmhain seo chugainn: duine aerach gan mairg oibre ná gnótha. Nách claig-éagconntacht na bróga laga éadtroma fliucha san do chaitheamh i nguta 'si salachar a's bróga troma, trioma agat: ceal céille, mar dheadh gur ghaláinta na rudaidhe atá ort. D'fhág sé talamh maith, lé claig-éagconntacht: d'aistrigh go drochthalamh go mbeadh sé in aice peictiúiridhe a's siamsa: ceal tuigseana.

claimhe: *b.4.* gríos, carraidhe ar chaoirigh, gearbach (mallughadh é seo). Go n-ithidh an chlaimhe thu, a mhadra! a ghoid mo chuid feóla: go dtagaidh brat gearb tríot amach a phollfas an croiceann ionat. Fadó budh mhór an scannradh an méid máirnéalach a d'éagadh ar an bhfarraige leis an gclaimhe ó bheith ag ithe feóla guirte: brat gearb a's othar ar a gcneas. Túmtar caoire dhá uair sa mbliadhain chun na claimhe do choimeád uathu: nightear iad le meascán chun ná tiocfadh gearba a's cnadhtacha ionta. Fan amach uaim, a rud shalaigh, táir lán den gclaimhe: brat grís ar do chroiceann ar fad. Nách iad an truagh Mhuire na daoine mío-ádhmharacha go mbíonn an chlaimhe thubaisteach ortha i dtíorthaibh thar lear: na daoine, na lobhair: galar fuatha urghránda gurb é an chuma bhíonn air ná baill chruinne, bhána ar nós clog cneasa, agus guinidhe bána chómh beag lé púint bhioráin, cuid aca, cuid eile aca chómh mór lé pingin ruadh. Is minic ghnidheann páistidhe móra díobh dá gcimlidís lé haon rud.

claimheach: *a.* lán de chlaimhe: gríosach: gearbach. Is salach an rud tímcheall tighe madra claimheach, ghá scríobadh a's ghá thochas féin a's an fionna ag tuiteam de: madra go mbíonn gríos air.

cláir: *a.g.* ar chlár, d'adhmad, ag baint lé bórd, slinn. D'árduigh sé a sheólta i dtúis a bheatha a's d'imthigh fén ndomhan cláir: fé fhairsinge na cruinne. Bíonn aonach in aice bhaile Abhann a' Scáil go dtugtar "an clár" nó "aonach an chláir" air. Gort mór leathan, réidh? Leathadh an t-éadach cláir ar an gcraobh a's chaitheadar a lón lae a bhí aca: brat a cuirtear ar bhórd le linn bídh do chaitheamh. Cuireadh úrlár cláir sa chistin: billeóga adhmaid. Shuidh fear an tighe ar cheann cláir: ceann búird.

clár-eudan: (**cláireudan**) [**clár-éadan, cláiréadan**] *f.1.* an áit thosaigh d'éadan an duine idir an dá chor atá ag casadh siar chun na n-uiseann. Drochbhrothaire ná féadfadh mart

d'aimsiughadh sa chlár-eudan: anuas ón lár idir an dá adhairc. "Nách ceanndáine an duine é?" – "sin é clár-eudan atá air": d'aithneófá air fé bhun an fhuilt suas díreach. Clár-eudan: an chuid des na ceannaghthaibh idir an tsróin, an folt agus casadh na n-uiseann.

cláirín: *f.4.* clár beag: bórd beag: smut slinn adhmaid: lata. "An mbíonn na dathacha ag cur fós ort?" – "tá mo chláirín déanta agam ortha": níl aon tsúil go deó agam go raghad i bhfeabhas uatha: táid orm an fhaid sin agus an oiread san taithighe agam ar gan iad dom fhágaint go bhfuil an cúrsa caithte anáirde agam liom féin. "Cailleadh mac Sheáin Uí Chathasaigh indé, is mór an truagh Seán ag an mbás" – "tá a chláirín déanta aige air anois – sid é an tríomhadh duine lé dhá bhliadhain": is mithid do taithighe do bheith aige air, bíonn súil le cuaird uaidh aige. Mhuise, is maith an Gaedhilgeóir Séamas; is fada a chláirín déanta aige uirthe: is fada ag gabháil di é. Cuir cláirín ar an bpoll beag san san urlár: blúire slinn-adhmaid a chlúdóchaidh é. Cuireadh cláirínidhe i dtóin na nadhbhóige chun a neartuighthe: gainneachain: blúiridhe éadtroma adhmaid.

cláiríneach: *f.1.* bacachán, mairtíneach, duine aimlidhthe, luaimíneach, abhac: duine ó Chonntae an Chláir. Ins an Oileán Úr dom bhuail mórán Cláiríneach liom i Siceágó: dúthchasaigh. Ó rugadh é, tá sé ar an gcuma san 'n-a chláiríneach truaighmhéileach gan lúth a ghéag a's an druinn sin air: aimlidhthe. Ag imirt pheile dhom im óige bhuail imirtheóir sa ghlúin me, a dhein cláiríneach díom, ná féadfainn áis do bhaint as mo chois ó shoin: mairtíneach: duine gan áis a choise. "Cad a dhein cláiríneach díot, ní mór go bhfuil siubhal an bhóthair ionat?" – "dathacha diaill a chas ar a chéile m'ioscada a's m'fheithleóga": duine gan lúth a ghéag ná luadar siubhail. Cad é an diall a bhí anuas uirthe a lithéid de mhnaoi áluinn agus cláiríneach d'fhear mar é ná fuil lán mo dhuirn ann do phósadh? abhac fir: firín gan déanamh, gan deallramh air. "Dar an diall me", ars an seanduine críonna, caithte go raibh maide croise aige, "cláiríneach a's uile mar tá ionam, má thagair i ngiorracht mo ghéige dhom, a tháthaire gan bhéas, go mbuailfead buille na tubaiste ort": duine bocht aindeis nách mór go raibh corraighe coise ná láimhe ann.

cláirínteacht: *b.3.* ag dúmas aimlidhtheachta: ag leigeant ort bheith id mhairtíneach. Ghaibh spiaire an treó so aimsir Shuathadh na Talmhan a's an Pheáirnéalaigh, cláirínteacht air ná beadh amhras ag daoinibh air, a's é d'iarraidh scéalta do bhailiughadh ameasc na ndaoine: é ag leigeant air bheith bacach, dearóil, bodhar: d'iarraidh a chur 'n-a luighe ar na daoinibh gur mar sin do bhí aige a's go ndéanfadh a chúram níos fearr. Is air siúd ná fuil an t-iomard ná easbhaidh sláinte ach cláirínteacht go mbeadh truagh ag na daoinibh do, a's go mbeidhfí níos ceanúire leis: ag dúmas: d'iarraidh an dubh do chur 'n-a gheal ortha.

clais: *b.2.* ísleán i dtalamh nó in aon rud, log: talamh íseal ag bun aoird nó cnuic nó sléibhe: eitre: an trínse a bhíos idir dhá iomaire (prátaidhe, etc.), rogal, fórál: lag: cabhán: mórchuid: carnán: an mothbhall. Faid bhí an gluaisteán ar an mbóthar slinn bhí radharc maith agam air ach leighidh sé orm nuair chuaidh sé síos i gclais: talamh ní budh ísle ná an talamh go bhfeaca ar dtúis é. Chuaidh an capall ar míochomhthrom i gclais agus d'fhan annsan ar chnámh a dhroma: in áit den dtalamh dob ísle ná an talamh mórdtímcheall air, mar bheadh déanamh scáiltín do bheadh fé chupa agat. Clais rómharbh seadh an talamh cois na habhann agus is iontugtha báisteach do stad ann: talamh níos ísle

ná mar tá ’n-a thímcheall. Gaibh an chlais soir, agus bíonn sí lán de naoscaibh toisc í bheith tais, úr: talamh ag bun cnuic go stadann uisce air lé n-a mhairbheacht. An buille fuair sé i gcródh an chinn ón maide d’fhág sé clais ann: lag: an méid sin den mhullach bheith síos ann. “Cad iad na puill sin nó na laganna san annsan?” – “sin iad claiseacha na gainimhe, sa tseansaoghal do chuireadh na seandaoine gainimh aníos ón dtráigh annsan i gcóir a dtairngthe i gcaitheamh na bliadhna”. Clais thoirteamhail chloch seadh í, mo thuairm go bhfuil flúirse dhíobh ann chun tighe do thógáil. Sara dtáinig trollairidhe Shasana ar ár gcósta bhíodh claiseacha éisc ges na hiascairidhibh, budh bhreágh leat féachaint ar an méid éisc ghairbh a bhíodh aca, anois tagaid dealbh: cnocáin. “Cad thugais ar an dtigh sin?” – “clais!”: mórchuid, an iomad. “Cad tá ag bhur muinntir-se dhá dhéanamh indiu?” – “ag treabhadh chlas”: ag baint na cré lé céachda idir dhá iomaire. Ar an méid uisce atá san abhainn indiu, ní fuláir nó rinne sé clais bháistighe airéir: duartan trom. “Seadh, a leanbhaidhe, tá bhur n-athair bocht san bhfuarchlais agaibh”: adhlactha: san uaigh. “Caith ar chlais na luaithe an trufais sin”: cnocán na luaithe. Níor stad an garsún san ó mhaidean ach ag claidhtheóireacht ’sag imirt caid (peile), féach anois ’n-a chlais (chodlata) é: ’n-a mheig: ’n-a charn. Sin fear galánta, preabamhail, nár fhág aonne riamh i gclais gan teacht chun fóirtheana (fóirthinte) air: i gcruadhtan. Tiománaidhe gluaisteáin seadh é ná cuireann clais ná árdán air: is cuma leis talamh réidh nó talamh aimhréidh ’n-a bhealach. Buaileadh le buille ’e bhuidéal é i gclár an éadain a’s deineadh clais de!: thuit sé i gceann a chos, ’n-a charnán. Dá aosta é, tá clais ’n-a dhrom: seasuigheann sé chómh díreach san ’sa ghuailne siar aige: bíonn lag isteach ’n-a dhrom. Cuir rud éigin fé chois an bhúird, tá sé guairneánach, tá an chos san gearra, nó tá clais san úrlár: níl an talamh slinn fén gcois sin. Fuairtheas ’n-a chlais mharbh sa tsneachtadh é ón sín: ’n-a thurthnóig mar bheadh rud ná raibh anam riamh ann. Clais éisc, airgid, chloch, ghainimhe. Bhí clais mhór dhaoine i nDaingean Uí Chúise indiu, tá anam ag teacht sa tuaith airís: mórshluagh. Fuaireas clais leabhar: mórchuid. “Cad é an saghas slighe bheatha atá ag an bhfear san?” – “sáidhte sa chlais”: ag obair na cré. Níl aon cheal bídh oraibh, tá clais de ar an mbórd: oiread agus dhéanfaidh bhur ndóthain.

claiseach: *a.* eitreach, lán de lagannaibh, forálach. Budh dheacair dom siubhal treasna an chnuic chlaisigh sa doircheacht, ag tuiteam i bpoll ’sag bualadh i gcoinnibh túrtóige: cradhsánach, aimhréidh. Bóthar claiseach bog go bhfuil briseadh uisce ann é, gur deacair ualaighe d’iomchar air, go gcruadhann an aimsir: bóthar go bhfuil ciseacha nó laganna talmhan ann. Cnuic chlaiseacha seadh iad atá go maith chun caorach: cnuic go bhfuil ísleáin thalmhan eadartha.

claisighim: (**claisim**) *b.a. 7 n-a.* rómharaim, déinim trínse. Claisigh annsan go gcuiream an t-uisce seo lé fánaidh ón abhainn: déin trínse nó gearradh a thairngeochadh an t-uisce. Dá gclaisightí an bóthar mar a bhfuil an t-árdán ní bheadh sé chómh hanacair: do chur ar slinn.

clamh: *a.* gearbach, cnathach; salach; táir. A rud chlaimh, ná tair im ghoire, cad é an t-éitheach é siúd do chuiris orm?: a dhuine shuaraigh gan mheas agat ort féin. Léan ortha! cad gheóbhfá ar chaoiribh clamha, a bhí ithte ges na cnathachaibh? caoire gearbhacha ’san olann ag tuiteam díobh. Buail amach! a mhadra chlaimh cad é an tochas so ort!: a mhadra go bhfuil salachar éigin id chroiceann. Cóip chlaimh seadh iad lucht na

cúlshráide seo, bruigheantach, droichiomchair, seachain iad: draoscar míriaghalta nách iontaoibh teangbháil leó.

clamhach: *a.* carrach, salachchroicinn. Cheannuigheas capall clamhach gan rás, gan tarang, ach stailc a's raideadh: capall atá chómh dona a's dá mbeadh lán de ghearbaibh. Níor fhan caora sa pharóiste ná go raibh clamhach: salach-chroicinn.

clamhaire: *f.4.* lobhar, duine go mbíonn galar bréan air: duine a bhíos ghá thochas féin mar bheadh an gríos air: leanbh colgach, cannránach: truaghán. An clamhaire, dá bhfaghainn idir mo dhá láimh é stracfainn as a chéile é, ag árdach an uile rud liom leis nuair bhíonn cao aige: an truaghán neamhmeastamhail. Ná tabhair náire dhuit féin, a chlamhaire, 'od scríobadh a's 'od thochas féin os chómhair cuideachtan: duine salach. Dá dtabharfá an domhan braonach do 'sé an ruidín suarach céadna é 'n-a chlamhaire ag síorlorg: 'n-a ruidín gholtach channránach, neambuidheach. Clamhairidhe gan féile, gan chroidhe, nách tugtha daoine bheith 'n-a measc, thógfaidís a bhfaighidís a's ní thabharfaidís faic: sprionnlaithe.

clamhaireacht: *b.3.* salachar croicinn, gearbacht: scríobadh: tochasughadh: meabhlach: gearánghnúsghal. Cuirfidh an chlamhaireacht chun bháis do mhadra mara bhfaghair rud éigin a ghlanfas an tseithe air: gearba a's gríos a's tochas. "An bhfuil a fhios agaibh, ós dhá innsint do dhaoinibh muinnteardha é, nách bás lé galar aige é ach bás le clamhaireacht nár chaith smut dá shaidhbhreas ar bhail a shláinte": sprionnlaitheacht agus calcuightheacht. Caith isteach 'on bhfarraige thu féin agus ná feicim ag clamhaireacht lé salachar thu: 'od chrothadh a's id thochas féin. I rith an lae ní stadann sé de chlamhaireacht, ag lógóireacht mara bhfaghadh sé cuid des gach aonnidh bhíonn ar siubhal: ag casaoid 'sag gearán.

clamhairt: *b.2.* creimeadh, ag priocadh 'sag giobadh, mionchogaint, smiolagar. Ar an gclamhairt do chuala laistigh den síneáil, a dhúisigh as mo chodladh me, is franncach a bhí ag clamhairt ann: ag cogaint an adhmaid. Bítear ag síorchlamhairt air ag baile toisc go mbaineann sé smeathán sa mbreis as rómhinic: ag cnáimhseán, ag smiolagar: ag fagháil lochta air a's ag smiolagar – ghá ghiobadh go rómhór. Codladh ní luigheann ar shúil liom ag madraidhibh an bhaile ag clamhairt siar amach san oidhche: ag troid lé chéile.

clamhascar: *f.1.* glór garg, garbh. An clamhascar do dhein cile an bháid ar an bhfochais rithfeadh sé tríot, b'fhuraist aithint go raibh an cile réabtha aiste: glór scríobach, garbh.

clamhra: *f.4.* clúdach cruaiche: fáisceán chun rud do choimeád daingean chun oibrighthe ortha: blúire adhmaid nó iarainn curtha treasna nó isteach i mblúire eile chun a neartuighthe: an plannc i mbád go luigheann an tochta air: ádhbhar báid. Ghaibh gach sín tríd an gcruaich toisc ná raibh clamhra uirthe: clúdach tuighe, sceach, geitiridhe, luachra nó a lithéid. Cuir clamhra chun a choimeádta socair ar an iarann san faid bheir dhá chamadh: blúire a choimeádfaid ina ionad é. Briseadh clamhra an bháid a's thuit an tochta as thóin an bháid. D'imthigh an clamhra de shlait an bháid, ní raibh ann ach tairngidhe lobhtha: an blúire adhmaid ar a luigheann an maide rámha.

clamhrán: *f.1.* rud nó duine gearbach: rud gan áird: práitín. Déanfaidh clamhrán de sa tigh sin in a aonar, gan duine aige a bheirbheóchadh do, a nighfeadh ná a ghlanfadh: déanfaidh rud salach, barcach de. Clamhrán gan éifeacht seadh thu gan chrích, gan áird, ag suathadh rudaidhe gur cómhionann duit eólas ortha a's bonn do bhróige. Talmhan gan suiméar (scabhárd) ná tugann ach clamhráin ná caochfadh do shúil lé n-a dtoirt: práitínidhe meathluighthe. Clamhrán leinbh dob eadh é, cráidhteachán fir seadh é: cníopaire a's é óg, doshástacht a's é aosta.

clamhruighim: *b.a.* tochasaim, scríobaim. Clamhruigh tu féin! a scraiste, nách ort atá an leisce obair do dhéanamh: bí ag cuimilt do chuid éadaigh ded chneas lé neamhfhonn. Chlamhruigh an madra é féin lé n-a chois ag bun a chluaise, ag ruagadh dhreanncaididhe: scríob agus thochais é féin go tiugh: láidir.

clamhsa: *f.4.* slighe mar a chídhfeá idir thighthibh i mbaile mór, níos lugha ná lána: clós. Clamhsaidhe ar fad atá i mBun Calaidh, ná cómhnuigheann ionta ach bochtáin: sráideanna suaracha, cumhanga. Tá clamhsa siar ón dtigh a gcaithtear gach aonnidh ann: áitín chumhang gan puinn slighe.

clamhsán: *f.1.* gearán, casaoid, cúis ghearáin, ceisneamh, cannrán, ceasta. Dá mbeadh Ciarraighe mar ritheann sé aige, ní shásóchadh sé é, bheadh clamhsán éigin aige go raibh rud éigin uaidh: cúis mhíoshásaimh: cúis lochta d'fhagháil. Oireann an obair do gan amhras agus is maith aige í, ach bíonn sé ag clamhsán go mbítear dian air: ghá chur i dtuigsint ná fuil sé sásta leis an mbreis oibre do cuirtear air. Ar chualaidh aonne riamh uaidh ach an clamhsán? ag fágháil lochta ar an saoghal 'sar a bhfuil ann. Deir na feirmeóiridhe go raibh cúis chlamhsáin aca féin do chur in iúil i dtaobh na cánach a bhí dhá chur ar an éadáil sall go Sasana: an gearán a's an chasaoid. Dá gcuirfeá an cnoc san thall ar an gcnoc so abhfus do chun a mhaitheasa, ní bhfaghfá ach clamhsán ná raibh faic déanta agat: gearán go raibh éagcóir dhá dhéanamh air gan a thuilleadh do dhéanamh do. Éire ní shásóchadh an leanbh san, is cuma cad thabharfá dho, ní scuirfeadh dá chlamhsán: gearán míoshástachta.

clamhsánach: *a.* cannránach, gearánach. Nuair thagann droichbhliadhain barraidhe bíonn feirmeóiridhe an-chlamhsánach, budh dhóigh leat ortha nár bhaineadar sochar riamh as an dtalamh: ag fagháil locht ar a ngairm bheatha. Budh chlamhsánaighe an té budh lugha chaill ná an té budh mhó, ar an gcaoineadh, an gearán 'san briseadh croidhe a bhí air: budh chosamhail lé duine é go mbeadh a raibh aige caillte aige: míoshástacht a's doicheall. Níor mhaith liom í mar mnaoi, bíonn sí síorchlamhsánach, ag itheadh a's ag giobadh ar an bhfear atá aice: neamhshásta, éascaidhe chun locht d'fhágháil.

clamhstar: *f.1.* duine nó rud aindeis, míochúmtha. Féach na clamhstair stocaidhe atá air, mór, tútach, ag tuiteam anuas ar a bhrógaibh: stocaidhe gan an déanamh ceart ortha. Ní iomcharóchadh capall, féach, na clamhstair bhróg atá air lé n-a leathadh 'sa gcuid tairnigidhe a's cruidhte: bróga troma aindeise. Thuit sé chun feóla sa bliadhantaibh deireannacha, an oiread san gur dhein clamhstar de ná féadfadh an leabaidh d'fhágaint: duine trom, feólmhar, aindeis, tútach. Clamhstar búird atá ró-aindeis, neamhoireamhnach d'aon chistinn: bórd trom rómhór.

clamhstaráil: *b.3.* siubhal trom duaibhseamhail. Chloisfeá chughat sa phluda é ag clamhstaráil, ag tarang a bhróga móra ’n-a dhiaidh go haindeis, neamhéascaidh: ag siubhal go haindeis neamhdheas. Níor thaithnigh an chlamhstaráil siubhal a bhí ag an mbramach leis an gceannuightheóir, toisc é bheith ag bualadh as a dheireadh agus d’fhág ’n-a dhiaidh é: siubhal neamhchruinn, cumhang.

clampadh: *f.1.* duadh, buaidhreamh, crádh. Clampadh seadh clann, clampadh seadh bheith dhá gceal: duadh iad do chothughadh, buaidhreamh a’s uaigneas bheith gan iad. D’imthigh an clampadh dem chroidhe nuair d’fhágas an tigh sin ná raibh lá suaimhnis ná síothchána agam ann: an crádh a’s an clipe a bhí orm. Rug clampadh maith air i rith an toghaidh, ag óráid ’sag argóint a’s é sceónuighthe ná rithfeadh leis: imshníomh a’s míoshuaimhneas aigne a’s cuirp; suathadh agus dul tré-chéile.

clampaire: *f.4.* duine a dheineas aimhleas do n-a thuilleadh: duine a dheineas buadhairt ameasc na coitchiantachta: duine a bhíodhgas achrann. Mara mbeadh clampairidhe ní scarfadh an lámhna san choidhche lé chéile, ag cur scéalta neamhdhílse amach ar a chéile gur creideadh iad: lucht déanta easaontais. Clampaire diaill seadh é a chuir bruighean ar ingnidhibh a chos nuair bhíonn rud caithte aige: duine grádhmhar ar a chéill. Tigh nách taithneamh liom lá aonaigh, bíonn clampairidhe na dúthaighe ann, go glórach, gargach ag iarraidh bruighne: dream nách síothcháin is méin leo. Tháinig clampaire éigin isteach a chrom ar chlamhairt (ar smiolagar) a raibh ann a’s a chuir an scaipeadh ar dhaoinibh mhacánta na cuideachtan: fear go raibh fonn achrainn a’s míshíotha air.

clampar: *f.1.* buaidhreamh ar shíothcháin: míoshuaimhneas: mí-réidhteach: suathadh: prádhainn: conspóid: duadh: draip: tré chéile, (cíllthuathaileacht): fighreán: meidirisce: cáibleáil. Clampar idir chómharsanaibh mar gheall ar thobar go ndeachadar chun na dlighe lé n-a chéile tréis a chéile do bhúrdáil: achrann nó easaontas, aingidhe: achrann nár chóir go n-éireóchadh. Clampar seadh bheith ag scríobh lé droichpheann a fhágas baill ar do pháipéar: obair a chuirfeadh naomh ar buile. Ar chlos an ghleóidh sa tigh tábhairne taidhbhsigheadh dos na Gardaidhibh go raibh clampar ann agus chuadhadar agus d’fhiosruigheadar cad é an dul tré chéile a bhí ann: rud éigin nár shíothcháin ná suaimhneas. Deasca na drochúsáide atá fachta riamh aige beó, dealbh, ag obair, fliuch agus fuar atá ag teacht leis – clampar gur beag a ghaibh tríd: aindeise: ag obair go dian ’san tómhas ’n-a choinnibh. Níl aon chlampar i ngluaisbhád, tá mórchuid i mbád rámhaidheachta: duadh. Ní clampar go dtí atá ag breith ar an Sín anois, na Seapánaigh ag gabháil de chosaibh ionta le neart a n-armála, galar a’s gorta ag scaipeadh ar fuaid na tíre: mío-ádh a’s scrios. Ní réidhteóchadh an saoghal mór an clampar atá eadartha, óir nách fonnmhar lé haon taobh aca géilleadh dubh t’iongan: an t-easaontas. Sé an chúis chlampair atá riamh idir Shasana a’s sinn ná leigfeadh sí dúinn; an lá a leigfeas beidh deire lé hachrann: an ceal suaimhnis a’s réidhtigh. Ar an bhfuadar atá fés na Comhachtaibh móra, léidmheacha, an Ghearmáin, an Fhrainnc, an Iodáil, Sasana a’s an chuid eile, ag spochaireacht ar a chéile ní fada ó chlampar iad: ní fada ná go mbeid i mullach a chéile. Theip mo ghluaisteán in áit iargcúlta, nár mhór an clampar a rug orm gur chaitheas fanacht ann go maidean gheal: an ciapadh: cúis sclábhaidheachta: cur as dom. Dá mbeadh aon chlampar sa tsaoghal ort ar mh’anam nách mar sin do bheidhfeá ag

luighe led theangain ar dhaoinibh bochta: prádhainn: ceal nó easbhaidh (teasbach atá ort). Budh mhór an clampar do dhein an t-ochtmhadh Hanraoi ar an gcreideamh, gur chuir sé easaontas a's míoshuaimhneas ameasc na ndaoine: an mheidrisc do dhein sé. "Teastuigheann deich bpúint ar iasacht uaim?" – "is tú an clampar ag síorlorg. Ná ciapfá duine éigin eile?": duadh mór, clipe.

clamprach: *a.* éilightheach lé dlighe, ceanamhail ar an gcúirt, achrannach, calaoiseach, garbh, duaibhseamhail, gáibhtheach. Ag imirt cártaidhe níor bhuail cearrbhach riamh liom is clamparaighe ná é, ag argóint go mbíonn an ceart aige nuair is follus ná bíonn, ag ceileabhairt etc.: fonnmhar ar thuiteam eadartha bheith ann. Bóthar clamprach, ciseach, garbhchlochach a bhrisfeadh a bhfuil de thrucailidhibh a's de ghluaisteánaibh sa Mhumhain: bóthar garbh, míréidh, achrannach. Bí chómh clamprach leó a's buailfidh sibh a chéile: bíodh an oiread fonn míoshuaimhnis ort a's beidh bruighean agaibh. Bhéarfadh san i láthair na dlighe tu ar phingin, tá sé chómh clamparach san: chómh ceanamhail ar bheith sa dlighe lé n-a chómharsanaibh. Obair chlamprach seadh bheith ag rothaidheacht i gcoinnibh na gaoithe dá mbeadh ort í do dhéanamh go minic, shúighfeadh sí an t-anam asat: obair dhian, dhuaibhseamhail, obair gan mhagadh.

clann: *b.2.* pór leanbhaidhe, síol, sliocht, camplacht, finne. "Clann a chothuigheas duine, clann a mharbhuigheas duine" (seanfhocal): daoine áirighthe go mbíonn leanbhaidhe maithe, macánta aca agus a chabhras leó ar gach aon tslighe, daoine eile agus a gclann ghá scrios gach aon lá nó ghá gclipe lé droichbheartaibh. "Mara gcuirfidh ár gclann ag gáiridhe sinn, ní chuirfid ag gol", ars an bhean ná raibh clann uirthe: ní móide dhuit iad do thabhairt subháilcis duit ná dubháilcis. Ní raibh duine clainne ar an úrlár ann: daoine gan leanbhaidhe. Tá clann sa tigh seo amuigh ó airéir: leanbh óg: bunóc. Ó nár bhronn Dia clann ortha fuaireadar beirt chlainne tacair agus dheineadar oidhridhe dhíobh ar a raibh aca: beirt do ghlacadh agus déanamh mic nó inghine do thabhairt. B'fheárr liom báidhte mo chlann ná iad bheith ag goid: deirtear lé díombáidh agus suathadh mór. Bean dob eadh í go raibh clann ghréine aice lé buachaill neamhaithnid: leanbhaidhe nár saoghaluigheadh fé chuing an phósta. "Ná suaidhtear an bhean san agus í ag iomchar clainne" ars an dochtúir: bean go bhfuil leanbh ina broinn. Clann na beirte dreathár (na beirte ban) ní fhéadfaidís bheith níos giorra. Bhí sí chómh breóidhte sin gur ar éigean do chuir sí clann di: do shaoghaluigh sí leanbh. Aosta, go bhfuil sí thar n-a clainn: san aos ná síolbhóchadh sí. Tadhg ag déanamh clainne, a's a dtinneas ar Dhómhnall: clann bheith ag Tadhg a's a gcothughadh ar dhuine éigin eile. "Tré chéile, a chlainn ó", ars an seandreoilín leis na geárrcachibh nuair tháinig an fiolar ar a chuardach ameasc an áil. Is éachtach é mar leanann an mianach maith treabh ó chlann clann: ó ghlúin go glúin. Budh dhóigh leat go raibh clanna Éireann uile ann ar an mbailiughadh a bhí ar Pháirc an Ráis: muinntir na hÉireann go léir. Do bhí clann dhá uair aige: dhá líon tighe: é pósta go torthamhail dhá uair. Tá sí ag dul ó chlainn, agus is eagal liom go raghaidh: níor shaoghaluigh aon leanbh fós. Tá ochtar muirir uirthe a's gan í pósta ach sé bliadhna, is mór an bhean chlainne í: síolbhuigheann sí go rathamhail. Tá oiread clamhsáin agat gur dhóigh le duine gur tinneas clainne bheadh ort: ag saoghalughadh leinbh.

clannach: *a.* síolbhach, torthamhail, go mórchuid cóisir. Nár chlannach an bhean go raibh cúigear bunóc in aonfheacht? torthamhail. Dream clannach seadh muinntir

Shúileabháin, gheóbhfá ar fuaid na Mumhan ar fad iad: torthamhail, rathmhar fé shliocht. Bítear ag teacht 'sag imtheacht sa tigh sin ó cheann ceann na bliadhna, tigh clannach seadh é: mórán lucht leanamhna aca.

clannmhaire: *b.4.* torthamhlacht, síolbhacht. Bean chlannmhaire dob eadh í, do bhí ceithre dhuine dhéag clainne: torthamhail; mhéaduigheadar a líon lé torthamhlacht a gcineadh: bheidh i ndán tabhairt.

clannmhar: *a.* síolbhach, sleachtmhar. Phós sé bean chlannmhar a thug lán tighe de leanbhaidhibh do: bean rathmhar. Lanamha ró-aosta seadh iad, ní bheidh clannmhar: ní bheidh mórán sleachta ortha.

clannughadh: *f.* (*-ighthe*) d'iomchar clainne, do gheineadh clainne. D'fhan an treabh san áit chéadna gan aistriughadh, agus bhíodar ag clannughadh leo go raibh an ceanntar fútha féin sa deireadh: ag síolbhughadh a's ag saoghalughadh chlainne. Bíonn a mná ag clannughadh chómh tiugh, rathamhail ná fuil aon tír dá méid chómh daoineamhail léi: ag geineadh leanbh.

clannuighim: *b.a.* cumaiscim: bheirim clann do, méaduighim i gclainn. Chlannuigh sé í sar ar phósadar, agus shaoghaluigh sise leanbh breágh mic mí tréis na bainise: thug sé clann di: do bhí baint aige léi. Chlannuigheadar chómh flúirseach ná raibh gleann ná clais dá bhoichte d'áit é le linn na gorta ná go raibh daoine go hiomadamhail ann: mhéaduigheadar i muirearaibh. Tá an bhean san clannuighthe, tá sí i ndeallramh áirighthe: taobh-trom.

claochlódh: *f.* atharrughadh, conncas, cosc, toirmeasc. Tháinig claochlódh ar a pearsain, gur beag duine a aithneóchadh í leis an mbuadhairt ar fad a rug uirthe: atharrughadh mór ar olcas. An claochlódh thug an ghorta agus Sasana ar ár dtír ní mheabhróchadh aonne a chéadamhadh cuid le bochtanacht, bás a's anacair ach an té a ghaibh tríd: an chlaoidheachtaint agus an t-atharrughadh. Iarlais a bhí innte, a deirtí, ó bhí sí 'n-a leanbh, chuir rud éigin nár thuig na dochtúiridhe claochlódh ar a fás, gur ar éigean a aithneóchadh aonne gur dhuine a bhí innte ach rud éigin ait: cuireadh cosc agus meathlughadh ar eascar nádúrdha an duine.

claochlóideach: *a.* atharruightheach, malartach. Tagann aimsir chlaochlóideach annso san bhfóghmhar i gcómhnaidhe, tuiteann an ceódh go léir a thagas ón bhfarraige 'n-a mionbháisteach ameasc na gcnoc: aimsir chontrárdha don am de bhliadhain. Saoghal claochlóideach atá againn ó aimsir an Chogaidh Mhóir, d'atharruigh béasa, nósa a's slighe bheatha na ndaoine: saoghal deifearach.

claochluighim: *b.a. 7 n-a.* atharruighim ar olcas, meathuluighim, coiscim, claoidhim, millim, foiréignighim, sáruighim, scriosaim, bánuighim. A Dhia, claochluigh an fharraige atá ar tí ár mbáidhte: maoluigh agus ciúnuigh í. Mo dhreach a's mo dhriuch do chlaochluigh le haindeise a's anacair an tsaoghail, nách mór go bhfuil aithne ná áird ag aonne orm: d'atharruigh a's do mheathluigh: chuaidh chun deireadh. B'fholláin dúinn gur chlaochluigh an uain 'sí a bhí go diamhair, fuar, sneachtamhail, ní abhaile go deó do

thiocfaimís: go ndeachaidh atharrughadh ar fheabhas uirthe. Do chlaochluigh ar a lúth a's ar a neart ag an aois, is í is fearr chuige, níl rith ná léim anois ann: mheathadar aige. Dá fhaid d'ár namhaid ag déanamh éigin a's foirnirt orainn féach nár chlaochluigh sé spirid chalcuighthe, doscaoilte ár muinntire: nár chuir fé chois. Ní raibh ann díobh ach dachad fear, rug an namhaid gan choinne ortha i mám cumhang agus gidh gur scaruigheadar i bhfad a's go ndeárnadar milleadh mór, ní ghéillfidís gur claochluigheadh an duine donn déidheanach aca: gur marbhuigheadh é. Claochluigheadh scéimh na talmhan tímcheall Átha Cliath chómh mór san leis na tighthibh neamhmhaiseacha atá dhá thógaint ann go gcuirfeadh an áit áluinn tráth déistean ort: tugadh malairt crota air. Nuair bhíodh Cú Chulainn ag dul chun troda chlaochluigheadh a cheannuighthe le fonn a's meanma, go dtagadh riastaidhe innte: d'atharruigheadh cuma a's taithneamh a chneasa. Teip na hiascaireachta san áit seo do chlaochluigh na hiascairidhe san áit gur deineadh daoine bochta anuas ar an dtalamh díobh: claoidheadh iad a's briseadh a spirid. Cé gur gealladh ceathramha saighdiúra dos na Spáinnigh i gcath an Dúna (Dún an Óir) claochluigheadh an uile dhuine dhíobh a's iad 'n-a mbráigheannaibh: scriosadh iad (is amhlaidh do crochadh iad a's baineadh na cinn díobh a's caitheadh na cuirp lé faill).

claoidhe: *f.* (*-idhte*) do chur ar lár, do chur ar míthreóir, d'éigean, do mhilleadh, bruic lé, gabháil lé, luighe lé. Sé bhí dom chlaoidhe ar fad ná feaca a thásc ná a thuairisc ar feadh trí lá tréis a rádh liom nár bhfuláir do bheith ar ais i gcionn uair an chluig, 'sa chúram 'sa tigh béalanáirde! ghom mharbhughadh, ag déanamh mhearbhaill dom nár bh'iontuighthe. Muna gcuirtear cosc leis an gclaoidhe seo ag Sasana orainn ag cur cánach ar ár onnmhairidhibh coimeádfam cáin ar a n-allmhuiridhibh sin chughainn: an t-éigean, an tromaidheacht 'san lámh láidir mhícheart. Táim dhá chlaoidhe riamh ag obair a's gan faic dá bhárr agam, gur dóigh liom gur bh'fhearr dhom éirghe as! dhá bhrughadh a's dhá chongbháil fé chois gan aon éirghe cinn. An lá ghlacais bean chughat féin a mhic ó, gheallais i láthair na cléire claoidhe léi an dá lá dhéag agus mhairfeá, ar fheabhas nó ar olcas, ar shláinte nó easláinte agus gan do chuid do loc uirthe: gabháil léi: gan í do thréigean ná do mhaslughadh. De gharsún óg, lag, budh dhiaill an mianach é agus claoidhe le hobair mar dhein, gan chlamhsán gan mhilleán: luighe léi: bheith ag síorghabháil di, dá dhéineacht a bhí sí air. Ar dtúis shaoil gach aonne ná déanfadh sé aon chlaoidhe leis an gceanntar ar an oiread míothaithnimh agus bhí aige dho, ach féach gur dhearmhad a lithéid do chur fé n-a thuairm, is é atá go seascair sásta anois: ná luighfeadh ann. Fuair an t-arbhar claoidhe mór ón sín, tá sé luighte 'n-a phaistidheachaibh móra, agus ní éireóchaidh airís is baoghalach: brughadh, luighe trom air. B'fhada thug sé ag claoidhe an bhradáin, mar b'é an bradán imthearach (imearthach) é, síos suas port na habhann ar feadh uair an chluig sar ar traochadh é: d'iarraidh é do thnáthadh a's do bhreith chun talmhan. Dá mbeadh sé gan bheith chómh láidir, ar an gclaoidhe a fuair sé, ó bhriseadh na screathaine cnuic sin ní sheasóchadh sé in ao'chor é: an duadh agus an sclábhaidheacht nár bh'fhuláir dho. D'oibrigheadar go dúthrachtach, dian a's budh mhórán claoidhe a bhí déanta aca i gcionn seachtmhaine: breis mhór ar chuireadar rómpa. An t-oideas do fuair sé ón ndochtúir dhein sé claoidhe ar an mbreóidhtigh ó thúis, d'imthigh an duadh dhe agus an tinneas trom: cur fé chois: gabháil lastuas de.

claoidheascairt: *b.3.* gleódh a's scléip; súghchas, rabhradh. A lithéid de chlaoidheascairt a's bhí ag ógánachaibh ar an mbaile, ní leigfeadh mire mo sheanchnámh gan luighe leó:

gleódh a's gáiridhe a's éirghe croidhe. "Gáir mheádhon oidhche a's claoidheascairt rinnce mheidhreach a's caoineacht": greann, súghchas a's meidhréis. Ar bheith dos na scoláiridhibh amuigh i rith an aitrimh is aca bhíonn an chlaoidheascairt dóibh féin: gleódh a's seódh rannpháirteach.

claoidhim: *b.a.* buadhaim ar: cuirim fé smacht, fóiréignim, millim. Bramach fiadhain, neamhshocair nuair cuireadh fé thrucail é, níor bh'fhada gur chlaoidh tromobair é: smachtuigheadh é: do bhain cuid mhór den bhfiadhantas as. Imireóir maith peile gur bhailigh triúr, ceathrar den mbuidhin fhreasabhraigh 'n-a thímcheall chun bainte dá chleitidhibh ach níor chlaoidheadar é: níor chuireadar i ndiaidh a chúil é: níor bhaineadar dá réim. Rinneas a raibh ionam de ló agus d'oidhche, leanas dá dtroid gur chlaoidh ceal codlata me, im shuan dom deineadh bráighe dhíom: fuair an codladh an lámh uachtair (an fear maith) orm. Níl aon tslighe go gcuimhneófá ar as so go dtín lá ambáireach ná gur chlaoidh sé iad, ag lorg chíosa troma ortha, ag baint deachmhadtha dhíobh, gan aon lá cáirde, ag iarraidh oibre ortha: ná go ndeárna sé buaidhreamh dhóibh: leathtrom: foirneart: luighe trom gan trócaire ná motháilt. Ón dtalamh agus ón bhfarraige do réab cómhacht Shasana Dún an Óir lé gunnaidhibh móra gur chlaoidh an chosaint: gur leag a's gur mhill: nár fhág meidhill beo de bhlúire cosanta. Dar mo lámh duit, is luath do chlaoidh sé, fear láidir mar é, mheasfá go seasóchadh sé a thuilleadh breóidhteachta: do ghéill sé, do chuaidh dá threóir. "Connus chlaoidhis do dhrochmhainta, a naoimh?" – "lé húrnaighe, deaghchroidhe, carthanacht a's grásta Dé": connus chuiris ar ceal iad: connus bhuadhais ortha. Dá gclaoidhtí lé smacht é i dtúis a óige, ní bheadh sé imthighthe ó riar mar tá: dá mínightí é: dá gcoimeádtí fé riar é.

claoidhim (le): *b. n-a.* broicim (le), greamuighim agus fanaim (le), leanaim le, gan staonadh; fuilngim ar son. Sál thinn a bhí agam ó bhróig chumhaing, ní fheadair aonne connus chlaoidheas léi gan í do chaitheamh 'on teine: connus chuireas suas léi. Claoidh léd chuid oibre a's ná bí ag imtheacht id fhuairthé, nó beidh thiar ort, beir gan bhiadh, gan bheatha: luigh léi agus déin í. Claoidh léd mhnaoi, cuimhnigh mar deir an seanfhocal ná fuil saoi gan locht, i ndeireadh dála 'sí is giorra dhuit: fan léi agus ná tréig í ar chumha ná ar chleas. "Ar an adhbhar fágfaidh fear a athair 'sa mháthair agus claoidhfidh lé n-a mhnaoi" (Iób xxxviii 38): fanfaidh 'n-a fochair gan a tréigean, agus foidhneochaidh léi (más gábhadh é). Baile maith go deimhin seadh é, ó thána im dheórad eatartha deich mbliadhna ó shoin, is iomdha chlaoidhid liom ná dhéinid cur as dom: bíd báidheamhail, muinnteardha, cabharthach liom.

claoidhte: *a.r.* buaidhte (ar); curtha ar lár; curtha ar míthreóir; scriosta; tnáidhte; ar dhrochaiste. Nách claoidhte an chuma atá ar do chuid stuic, ní fuláir nó ná raibh aca ach drochfhoraois i rith an dubhluachair?: cuma dhearóil, sheirgthe. A's an piléar deireannach caithte againn, 'sé dubhairt ár n-oifigeach, "is oth liom, a fheara, go bhfuilimíd claoidhte, a's ná fuil a thuilleadh troda ionainn 'e cheal lóin; táim buidheach dhíbh ar fheabhas bhur gcoimheascair": curtha dár dtreóir: ar lár: an lámh uachtair fachta orainn. Saoileadh ná beadh an Aibisín claoidhte chómh luath ag an Iodáil agus do bhí, toisc achrannaighe na tíre: gabhtha lastuas di. Claoidhte nuair ná bíonn iarracht an airm éirightheach nó, bíonn duine claoidhte nuair theipeann ar a bheartaibh. Théidheadh sé ar chaoireachaibh móra leadaránacha, go dtí fé dheóidh go raibh sé an oiread san claoidhte ná féadfadh sé diúir

d'ól: traochta amach 'samach. Duine claoidhte seadh é: ní fada uaidh an bás: tá sé tréigthe.

claoidhteach: *a.* i ndán claoidhe, sáruightheach, conncasach, smachtach. D'ionnsaigheadar an tír díochosainte lé harm claoidhteach, iomad armála, gléis, lóin agus fear, nár fhágadar screatal lé n-a chéile dhi: arm deighineallta, fearastamhail budh dheacair do throid. An t-éagcruas claoidhteach úd an galar breac, do thug an bacach 'on cheanntar leis, nár fhág puinn tigh gan duine do sciobadh as: marbhthach, tubaisteach. Obair chlaoidhteach seadh cúram Aire Dúthaighe ar í do dhéanamh go ceart agus go maith: obair throm, ghéibheannach go ngabhann duadh agus imshníomh léi. Ráinig an chonairt róchlaoidhteach lé n-a líonmhaireacht don sionnach gur bheag an mhaith dho a chuid cleas: rósháruightheach. Arm claoidhteach seadh speal, go mórmhór gan faobhar maith, tú ar do chromadh ar feadh an lae, ag obair amach as do ghéagaibh: obair mharbhthach, dhuaibhseamhail, neamhchomhthromamhail.

claoidhteacht: *b.3.* laige, ceal nirt. Ní h-é ná go rabhas i ndán an lae do chur isteach maidir lé duine, ach claoidhteacht ceal bídh: an laige a tháinig orm gan suiméar an bhídh. Riamh níor ghearán sé pé strus oibre agus faid troscaidh a bheireadh air, budh bheag an chlaoidhteacht do bhíodh air lé neart a's fulng: anbhfainne.

claoidhteóir: *f.3.* an té a ghaibheas lastuas de bharr nirt nó fill de dhuine eile: conncasóir. An bás claoidhteóir na cinidh daonna, ní éaluigheann neach ó n-a shaighead: an té a bhuadhas ar an ndomhan mór. Beag é mo mheas ar an ndream a thaobhuigheas le claoidhteóiribh ár dtíre, 'sa théidheas 'n-a n-arm a's 'n-a gcabhaltaigh: lucht conncais na hÉireann.

claoine: *b.4.* fiar, fiarradharc, fánaidh, urchóid, leathtruime, seachmall, leathcheall, leithreachas, léidhe, míoghníomh, foirbheart. Rinne na dochtúiridhe maitheas mhór dá radharc, ach níor bhaineadar an chlaoine as an tsúil aige, ní fhéachann sé cruinn díreach fós nuair bhíonn ag léigheamh: féire, caime. Claoine chun an ólacháin ná féadfadh a sheachaint a rinne a dhíobháil, an fear bocht: laige chun géillte dá mhian chun óil. Clann gan chlaoine nár mothuigheadh istigh ná amuigh riamh do thógadar: clann ná raibh aon chaimeacht ionta. Lé claoine creidimh ní thabharfadh sé lá oibre 'n-a mhonchra d'aonne de chreideamh eile: breith roim ré fabhrach nó míofhabhrach gan fáth. Lé claoine atá sé ar thaobh Shasana in aghaidh na hÉireann, a dhúthaigh féin: léighe le Sasana ar son fátha éigin nách í an chóir. Claoine gan teóra seadh talamh do mhuinntire do channtáil ortha: éagcóir mhalluighthe. Nuair baineadh dá chosaibh é, d'imthigh sé le claoine na faille: fánaidh ghéar. Ní gábhadh dhuit aon chlaoine do bheith ort glacadh leis an méid seo, is é is lugha a's gann é do thabhairt duit as a bhfuil déanta agat: aon neamhfhonn. Ná ceap gur lé claoine céirde do dhein an Conchabharach trucail ná fuil rómhaith dhuit: lé fealladh 'n-a déanamh. Duine saonta gan chlaoine, nár cham pingin ar aonne riamh go raibh aon bhaint airgid aige leis: drochaigne.

claon: *a.* fiar, cam, géar, sothuiteamach, léigheach (le), drochaigeanta, malluighthe, urchóideach, aingceach, míomhánla. Obair chlaon seadh spiaireacht: obair mhalluighthe a dhéineas díobháil na neamhchionntach. Cailín gan chlaon, gan chluain nár chuir bréag ná

scéal ar aonne riamh, dóthain an fhir is fearr de mhnaoi: cailín gan cor ná olc ’n-a haigne d’aonne. “Is camarsach claon ’sis craobhach crathúrlach...a carnfholt etc.”: ag tuiteam lé fánaidh go fada, trom, slaodach. Budh chlaon liom cruisteach ar mo chómharsain, rud nár mhaith liom do dhéanamh orm féin: dob olc liom é: budh rud éagcórach liom é. Cuma na hoidhche go bhfuil sí claon chun báistighe: fúithe bheith fliuch. An peacach dearóil nuair cuirtear cathughadh air, róchlaon chun peaca dho: soghluaiste, soimheallta. Chuaidh sé ag rinnce ar chlár chlaon, shleamhnuigh sé a’s thuit ar an úrlár: clár go raibh fánaidh leis. Séamas claon (-shúileach): Séamas go bhfuil fiarshúilidhe aige: nách bhfuil aon radharc díreach ’n-a cheann. Cad é an saghas duine thu? ní fheaca riamh ach claon do dhaoinibh thar paróiste amach thu: ar a dtaobh gan fáth ar bith. Toisc ceann an chuaille bheith claon ní fhéadfainn siubhal air: an iomad tuitim nó leagtha bheith leis.

claon: *f.1.* feall, cealg, mío-iomchar, fiaraigne: cluain, cúlbheart, foluightheacht: léighe lé. “Déin claon do chómharsan ’sis fearrde thu é” (seanbhlas): feall air agus ní maith do raghaidh duit. Claon do b’eadh airgead do bhailiughadh ar scáth nó dumas fill go raibh sé ar tí cómhlucht do bhunughadh a’s nár bhunuigh: gníomh go raibh sé ceaptha aige na daoine do mhealladh. Dá mbeadh sé saor ó chlaon, is cuma liom cad déarfair ar a shon, ní raghadh sé i gcómhghadaidheacht lé haonne: mío-iomchar: ceal macántachta. Dar liom go bhfuil claon an fhir sin leat ar an tslighe atá sé ag tacaidheacht leat: a aigne leagtha, báidheamhail leat. Seachain fear an chlaoin, dá mbeadh ag dul isteach id bhéal le plámás, d’fheallfadh sé ort: an fear fiaraigeanta. Tairing ó chlaon a’s déin deaghbhearta, sin mar dubhairt an seanmónaidhe: fág slighe na ngníomh nách ceart. Go maithidh Dia ár gclaonta míchearta dhúinn: an aigne ná raibh ar an dtaobh ceart. “Seadh”, ars an breitheamh leis an bhfíné, “tusa an t-aon duine a chonnaic cad thárlaidh, inns dúinn gan chor gan chlaon an chainnt a ráinig idir an t-éilightheóir agus an cosnach: gan aon atharrughadh, gan leagadh ná léighe lé ceachtar den mbeirt. Innseósad-sa a chlaon duit, gheall sé dhom go bhfaghainn a chóngamh tréis é bheith geallta aige roimhe sin d’fhear gur thug sé dho é. Leig sé air bheith chómh muinnteardha liom go raghainn ar iontaoibh m’anama leis, ach is ’n-a chroidhe siúd a bhí an claon, a luaithe a fuair sé cao cham sé orm: feallaireacht.

claonach: *a.* slaodach mar folt mná. Nách uirthe atá an ceann claonach síos go guailnibh: a folt siar síos go muirearach.

claonadh: *f.* (*-nta*) lúbadh, ag iompódh chun, ag casadh ó, ag cromadh, iomrall: seachnadh: fonnmhaireacht: mímheas: caschor. Riamh bhí staraidhthe iasachta ag claonadh ár seanchasa ar a son féin a’s ar ár míomhaitheasa-ne: ag cur cuir neimhchirt ann. Shroich sé an tigh díreach lé claonadh na hoidhche: ar tuiteam na hoidhche. Déidheanach sa mbliadhain anois atá sé, tá sé in am aige claonadh chun drochaimsire: iompódh uirthe. Cad dhéanfadh an díomas atá ag an nGearmáin dóibh uile thoisc an Chogaidh Mhóir go mbeadh claonadh aice lé Cómhacht ar bith? leagadh ná báidheamhlacht do bheith leó. Is léir do Shasana go bhfuil na tíortha ag claonadh uaithe ar a bhfuil sí ag fulng de tharcuisne san Muir dTrian a’s ná fuil “thaf san” aiste: aon fhonn cuidighthe léi. Táir ag claonadh rómhór chun na talmhan, seachain ar eagla carraigeacha báidhte bheith ann: ag leagadh lé, ag fanacht lé. Thugas fé ndeara ag claonadh a chinn orm é i gcómhartha, d’aithnigheas gur theastuigh uaidh labhairt liom: ag

cromadh a chinn. Thugadar iarracht láidir lé linn na gorta ar ár ndaoinibh do chlaonadh ón gcreideamh le hairgead breibe: do chasadh uaidh. "An-cheanamhail ar chlaonadh na fírinne ataoi", ars an giúistís, "ní chreidim focal amach as do bhéal": ag atharrughadh chun bréige. Dein aon chlaonadh amháin ón scéal atá dearbhtha cheana agat a's seadh is measa dhuit: dul pioc ar seachrán. Ar an mbail a ghní sé dá chómharsanaibh go dearbhtha tá claonadh aige lé maitheas na coitchiantachta: a aigne bheith leagtha sa treó san. Mara mbeadh claonadh an léighinn do bheith ón bpréimh ann ní raghadh sé ar scoil oidhche tréis lae thruim oibre chun é féin do chur chun cinn sa tsaoghal: fonn foghlumtha. Duine mín macánta é sin nár chuala focal claonta in aghaidh namhad ná carad riamh uaidh: focal mímheasa: cáineadh: easaille: míomholadh.

claonaim: *b.a. ₇ n-a.* cromaim: fiaraim: scaraim le: ionntuighim ó, brisim nó réabaim an dlighe, tagann fonn orm chun. Cé chlaon thu ó indé ná fuilir ar an aigne chéadna indiu? cé d'atharruigh t'aigne nó do bharamhal? Gach aon lá tugann sé turus ar thigh Dé, is mór mar chlaon sé leis an gcreideamh: d'iompuigh chuige: thug é féin air. Claon do lámh beagán, táir ag sádhadh do mhéire ró-uachtarach chun an phuill: crom í: ísligh í. Claon do chluas agus éist go haireach, tá scéal intspéise lé n-innsint agam duit: crom do chluas: cuir cluas ort féin. "Chlaonais cuing na measardhacht airís", ars an sagart leis an bpóitire, "an dóigh leat go mbeidh an rath ar aonne a bhriseas geallamhaint shollamhanta?": bhrisis tríd gheallamhaint. Sin mar gheibheann aonne droichmheas a's seachaint, a chlaonas lé drochchómhluadar: a thugas é féin ar iad do choidreamh 'sa chleachtas a mbearta. Chlaon an tráthnóna chun fearthainne a's gaoithe móire: d'ionntuigh sé sa treó san. Do chroidhe díchill do dhéanamh orm ní chlaonfadh me óm ghrádh d'Éirinn, is cuma liom cad é an braighdeanas ná peannaid do chuirfir orm: ní iompóchad 'n-a coinnibh ná ní lagóchaidh im spirid me. Ara, ar nós an uile dhuine, claonaim fairír! nuair chuireann an diall cathughadh orm: claoidhim, tuitim i bpeaca.

claonaire: *f.4.* lúbaire, droichtheangbhálaidhe, camaire, duine fiaraigeantach, duine éagcórach, fealltóir. Is é rádh na n-iascairidhe gur chlaonairidhe lucht cheannuighthe an éisc, gur mhinic d'fhéadfaidís, dréir an luacha a gheibhidís féin, a dhá oiread do thabhairt air: ceannuightheoiridhe ná raibh díreach, macánta. Cogar, a chlaonaire, cad dob áil leat bheith milis lém bhéal 'sa bheith ag tromaidheacht orm nuair bhíonn mo chúl leat?: a Thaidhg an dá thaoibh! a chluanaire mhealltaigh. Dhíol an claonaire capall liom agus thabharfadh sé an portús ná raibh locht sa tsaoghal air; lá oibre ní dhéanfadh an capall san lé stailc: an camaire, an fear gur beag air díth chách do dhéanamh. Ná dubhart libh ná raibh ionta ach claonairidhe go séanfaidís a's go dtréigfidís sin lá an chruadhtain: daoine camaigeanta ná raibh fonn dílse ortha. Féach ar sin de mhionairgead – me ciorrbhuighthe leathchoróin agat, a chlaonaire: a dhuine neamhdhírigh id chúirimidhibh.

claonárd: *f.* (*-aoird*) fánaidh ghéar, cor grod. Chodluigheas a's mo cheann go neamhshocair agam ar an adhairt, ní fhéadfainn mo mhuineál do dhíriughadh indiu, tá claonárd ann: cor. Ní furaiste dul go barr na faille sin, tá claonárd innte: faill an-ghéar, an-anacair.

claonbheart: *b.3.* beart fill, beart neamhdhaonna, drochaigne, báidh mícheart. Ní raibh a bhac ar lucht an bháid na fir a bhí dhá bhádhadh do shaoradh gan chonntabhairt dóibh

féin, ach ní leigfeadh an chlaonbheart a bhí ’n-a gcroidhe dhóibh é: an feall, an drochaigne: neamhdhaonna. Má imrir claonbheart orm agus me do chur ar eachtra gan fírinne díolfad leat é: beart mícheart: cleas éagcórach. Budh liomsa budh cheart tú bheith, mar is iomdha cómhardú agam ort ach an chlaonbheart bheith istigh go daingean ionat a’s bheith leis an té atá im choinnibh: an feall: an aigne cham: an inntin éagcórach.

claonbhreathach: *a.* báidheamhail nó drochaigeanta ag tabhairt breithe: fiaraigeanta. Dearbhuighim duit ná feaca fós riamh giúistís ná go mbíonn claonbhreathach i gcásaibh póilínidhe agus gur ar an té a bhíos seirbheálta aca théidheann an tinn: go mbíonn go héagcórach ar a dtaobh: toradh nó críoch machtnaimh an té a mheádhas ’sa scrúghduigheas ceist nó cúrsa.

claonbhreith: *b.2.* breith fhallsa, breith fhiar, do bheith neamhmhacánta i mbreitheamhantas. Gidh gur dhearbhuigh a lán ná raibh an cosnach láithreach lé linn mharbhtha an Tighearna Talmhan b’í an chlaonbhreith do thug an breitheamh air, é do chrochadh: breith ná raibh cóir, ceart ná daonna dréir na fínéachta. Rug an bheirt againn ar bhradán agus ó budh láidre eisean ná mise ’sí claonbhreith ronna thug sé air, an t-eireaball ’san ceann do bheith agamsa a’s an corp aige féin! feidhm na hinntine gur féidir leis an nduine rud do bhreithniughadh agus an fhírinne do thriall as: feidhm cham a bhí ag fear an bhradáin.

claonfhód: *f.1.* an fód do h-iompuightear lé céachda nó rainn i gcoinnibh an aoird. Leis an méid fánaidhe atá leis an ngort úd ní fhéadfá é do threabhadh treasna, mar ná luighfeadh an claonfhód, dá fheabhas céachda, ní leagfadh sé é.

claonrúnach: *a.* drochaigeanta, droichinntineach: díomasach. Nár chlaonrúnach an t-ainscian fir é, gur fhan sé ag faire orm laistigh de chlaidhe, gur bhuail lé garbhóig chloiche me a’s gur bhris mo shrón: olc agus mioscas ’n-a chroidhe. Chonnaic sé an tóir ag teacht fém dhéin, ach nuair fhiafruigheas de ’n-a taobh dubhairt ná raibh neach ar mo thí im aice: do bhí rún mo dhíobhála aige dhá fholach orm.

claonshúileach: *a.* fiarshúileach, d’fhéachaint fiar nó cam: na súile bheith ar malairt treó. Táim claonshúileach ó aois dom, a’s liagh ná luibh ní dhéanfadh mo mhaitheas, fairír, ní hí an treó chéadna d’fhéachaim leis an dá cheann aca. “Asailín claonshúileach, liathshúlach a’s é dhá bhagairt le slait” (amhrán): asailín go mbíodh súil leis ar an dtiománaidhe ’n-a dhiaidh.

claonta: *a.r.* cromtha, lúbtha, casta in aghaidh, leagtha lé, fiaraigeanta. Ná tuig go bhfuilim claonta id choinnibh, nílim, tá m’aigne a’s mo chroidhe chómh mór leat agus d’fhéadfadh do bheith. Aigne chlaonta d’aonne éitheach do dhearbhughadh ar chách: aigne go mbíonn an t-olc díobhála innte. Lé n-a dhrochchomhairleach a’s lé n-a chuid plámáis táir claonta im choinnibh aige go ndéanfá droichbheart orm ghá chreideamhaint go bhfuil olc agam duit: iompuighthe im choinnibh gan machtnamh ceart do dhéanamh. Bím an-chlaonta leis an bhfear gcéadna san, do rinne sé beart ghalánta orm tráth: bím an-leagtha leis, fabhrach do: báidheamhail im aigne leis.

claontacht: *b.3.* leagthacht, báidheamhlacht, fonnmhaireacht bheith lé nó i gcoinnibh. Bíonn claontacht lé slaghdán agam in aimsir thais agus bíonn orm me féin do chongbháil te, tirim: i ndán mothála, teannchuir nó ceana do leigeant greama. Níl aon teóra leis an gclaontacht lé báistigh ach mar bhíonn aige tímcheall Chille Áirne: fonn báistighe do bheith air. Is mór an truagh an oiread claontacht do bheith ann in aghaidh na hÉireann agus a muinntire, mar is fear maith ar gach slighe eile é: neamhbháidheamhlacht gan fáth leis.

clapóg: *b.2.* buille leis an láimh oscailte, leaiceadar. Is minic do thug an máighistir mo dheamhasáil dom lé clapógaibh san aghaidh.

clapsholas: *f.1.* an cróntráth (um thráthnóna), fuinneóga an lae (ar maidin). Ar an gclapsholas ar dheireadh oidhche thug sé chun cruinnis long ag teacht aniar: ar mbeith don lá bheith ag scaipeadh na hoidhche. B'aoibhinn lé croidhe aonne bheith ar Cheann Sraithe leis an gclapsholas tréis na gréine do dhul i bhfarraige, na dathanna áilne a bhíos lé feicsint ar an oirear ar fad: sara mbíonn solas an lae múchta ar fad ag an oidhche.

clár: *f.1.* bórd, plannc nó billeóg shlinn adhmaid, uachtair tuinn, slinn, mágh, talamh réidh, ceanntar réidh, réadh. "Téanam ar an dtórramh?" – "cé tá fé chlár?": cé hé atá marbh agus go bhfuiltear ag déanamh na fartha air? Budh bhrónach an oidhche aca í an oidhche a bhí fear an tighe fé chlár: é dhá thórramh. Ag taoscadh na gcárt ar chlár: ag ól ar bhórd. Bhítheas ag cur éisc san nadhbhóg agus dhá doimhniughadh go raibh an clár uirthe agus an sáile ag scéidheadh isteach: go dtí go raibh sí faobhar lé faobhar. Dúthaigh fhairsing seadh í tímcheall Chill Dara, clár mór talmhan gan cnoc ná sliabh: réadh slinn, réidh fé mar bheadh leac. Ar chlár Banban do thaisteal ní bhfaghfí cladhaire is mó 'ná é, agus is fada fairsing an leirig thalmhan san: talamh mín na hÉireann. Teastuigheann cláracha, troigh ar leithead, ón úrlár so d'fhonn é do bheith láidir: blúiridheacha d'adhmad sáidhte. Leis an iomad leagtha atá ged chlár scéithe beidh na fóid ag marcaidheacht ar a chéile: an chuid den gcéachda siar agus anáirde ón soc a iompuigheas uachtar na talmhan. Dhearbhuigh sé pé mar budh mhaith leis gan aon ghéilleadh don bhfírinne ar chlár na mionn: an saghas bosca i gconntabhairt mar dtugann fínithe a bhfínéacht. Ní raibh sé i gcumas aon fhir, dá fheabhas de mháirnéalach é, seasamh ar chlár na luinge, bhí an mhuir fhíochmhar ghá scuabadh: léibheann na luinge: an t-úrlár plainnc idir an dá thaobh. Dá fhaid bhíos ghá chómhairleach ar a leas b'fhuar dom mo ghnóth, agus cé gur ghaibh sé tríom do chaitheas éirghe béal na gclár as: éirghe de bheith leis ar fad, ar fad. Focal ná creidtear uaidh, níl aige ach an deargéitheach, mise clár na fírinne agat, is agam atá an ceart ghá innsint: an fhírinne ar fad. Faigh clár (speile) a's cuir faobhar ar do ghléas: clár go mbíonn garbh air chun na speile do thanughadh. Thug imirtheóir guala d'imirtheóir eile agus shín ar chlár a dhroma é: ar fhaid agus leithead a dhroma. Níor mhór duit dul ar do cheithre clárachaibh chun dul isteach in úin tá a béal chómh cumhang san: ar do ghlúinibh agus ar do dheárnachaibh. Cuir an clár (más adhmad é) ar an gcorcán: an clúdach. Seadh, dá olcas mar bhí an tír, tá an "clár binn" ar fad curtha uirthe lé deireannaighe, cánacha ag éirghe a's luachanna ag tuiteam: an chaidhp bháis curtha uirthe, buille na tubaiste ar fad buailte uirthe. Ní fuláir liom nó is é an clár atá imthighthe ar fad dá bhosca a's bheith ag lorg mná in aois a dheich mbliadhan agus trí fichid do! go bhfuil a mheabhair ar fad scaipighthe air: go bhfuil sé ag dul in

aiteas le haois. D'imthigh an clár ar fad des na hógánachaibh chun rinnce lé déidheanaighe, hallaidhe rinnce i ngach paróiste: "imthighthe bán" chuige: gan puinn eile ag dóghadh a ngirbe ach é. D'imthigh an clár de chun óil (oibre, leabhar etc.): is beag suim do chuireann in aon rud eile. An iomad ualach a's ceal aire do dhein clár den nadhbhóig, go bhfuil sí sínte anuas ar an bhfarraige: chómh slinn le clár, gan éirghe 'ge n-a tosach ná 'ge n-a deireadh. Nuair bheidh an síol leathta agat san ithir cuir an clár air le cloich reatha, mar tá sé cnapach, beir ar chóimhrian tuinne é. Má chuirir ar chlár an tsimné an fheoil sin tiocfaidh súgh uirthe: saghas siolpa in aice an tsimné. Ná suidh ar chlár deiridh an bháid ar eagla go raghfá i bpoll: an plannc treasna is sia siar innte. Is áidhbhéil an toirt atá sa bheithidheach san, féach an clár deiridh feóla san uirthe: ceathramhna tón. Ceann cláir is dual d'fhear an tighe le linn bídh: an áit is tábhachtaighe ar bhórd an ithte. Gan amhras tá neart agus acfuinn san bhfear, meabhruigh an clár uchta lé leathad atá aige: cabhail an duine idir na guailne agus an bolg.

clárach: *a.* leathan, fairsing. Bó chlárach: bó go mbíonn aghaidh leathan uirthe.

clárach: *a.* ag baint lé hadhmad. Cuireadh úrlár clárach i seómra an rinnce: úrlár de phlanncaibh adhmaid.

clárchosach: *a.* spágach, troighleathan, aindeischosach, ar chosaibh go mbeadh na gathaidhe ceangailte lé chéile lé scannán. Ní héan chlárchosach an chearc, dá bhrigh sin ní bhaineann le huisce (ach an chearc uisce). Éanlaithe clárchosacha seadh éanlaithe na mara, lachain a's géadhanna: éanlaithe go bhfuil a lapa iadhta. Connus bheadh rith aige, fear clárchosach mar é: spágach, cosa leathana, fada, neamhchóracha.

clárfhiacal: *b.2.* fiacal leathan i dtosach na cíorach. Ní hiongadh an mheilt do bheith go maith aige, tá clárfhiacla capaill aige: fiacla chómh toirteamhail, leathan agus bhíonn ag capall.

clasach: *f.1.* lag mór réidh-uachtair leathan ar thaobh cnuic. Chaitheas trí clocha ag leacht an Chlasaigh gach uair dár ghaibheas thairsi. Lé comhthrom bóthar an Chlasaigh síos ("An Clasach", ainm áite idir Chruach Mhárthan agus Sliabh an Fholair. Tá lag glas-fhéarmhar ann in aice an bhóthair: gleann réidh gan uisce).

clasán: *f.1.* méiscre i gcarraig, slighe bheag (beilichín) idir dhá charraig. Léan uirthe mar scairbh, seachain tú féin ar eagla tu do thuiteam i gclasán: gearradh, scoilt, méiscre. Ar lag trágha bhí an clasán róchumhang, agus ní gheóbhadh an bád idir na carraigeachaibh: casán cumhang caol uisce.

clasughadh: *f.* (*-uighthe*) do dhéanamh clas, trínsidhe, dígeach, scríob. In ionad aon mhaitheasa do dhéanamh ar thaobh an chnuic is ag clasughadh na háite rinneadar in ionad bóthair: gearradh ar nós claise i ngort saothruighthe nó díg bóthair. Deintear clasughadh ar dhá thaobh an bhóthair, go n-imthighidh an t-uisce dhe: doimhnightear na dígeacha do rith an uisce. "Cad tá ag bhur muinntir-se dhá dhéanamh indiu?" – "táid ag clasughadh i gcóir chur meacan ráibe": ag treabhadh na gclas. Seo áit ghrin go ndéineann an bradán clasughadh ann: leabaidh chun scéitheachtainte.

clasuighim: *b.a. 7 n-a.* déinim díg idir dhá leabaidh, eitre, trínse, gearradh sa talamh, déinim leabaidh i gcóir eochrach chun scéitheachtainte. Clasuightear an áit sin trí troighthe ar aoirde ar gach taobh den mbóthar a's beidh deireadh le huisce ag fuadach na gnáiste dhe: déintear gearradh. Is olc do clasuigheadh an gort san, cor sall agus cor anall ionta: níor síneadh díreach 'n-a gceart na gearraidheacha idir na leapachaibh. Clasuigheadh an bradán san áit sin go dtí gur árduigh an tuile an grean 'san cladach ar fad chun siubhail a's nár fhág áit lonnuighthe aige: thaighdeadh sé agus dheineadh sé leabaidh ann mar a scéidheadh sé.

clé: *a.* an taobh conntrárdha don dtaobh deas, mar an lámh chlé, an chluas chlé, an scairt chlé, an tsúil chlé etc. D'áis na láimhe clé: tuathalach, neamhphras, éagcórach, as an slighe choitcheann, olc, malluighthe. "An clé nó deas ataoi?": céaca lámh is mó atá ar do chur agat chun áise bhaint aiste? – deas atáim. "Ar chlé! castar!" fiartar ar shiubhal ar thaobh na láimhe clé. "Ar thugais bualadh maith dho?" – "bhuaileas clé agus deas é": bhuaileas ar mo thoil é. Nách clé do chuirir cloch i bhfalla, tá sí sin rófhada amach: tuathalach, i mí-ionad. Duine clé ar gach gnóth go maidean seadh é: ní dhéineann sé an gnóth go críochnamhail. Sin é deir an fhaid leis atá sé ar clé, é bheith ag tuiteam as a chéile – ní hiongadh é bheith gan mhaith: faid atá faillighe factha aige. Is clé, scannruighthe an aiste atá ar Roinn na hEóraipe an aimsir seo, tír éigin an uile lá dhá chur fé dhlighe saighdiúiridhe: cuma an-olc, an-chonntabharthach uirthe. "Marbhuightear duine beagnach uair sa tseachtmhain san áit san den gcathair" – "go saorair (Dia) sinn, nách clé an ball é agus an aicme dhaoine atá ann." Is clé an gnóth dhuit fear gan chúis air do bhualadh: is malluighthe, mí-iomchair. Ar an gcuma chlé atáir ag cur rómhat na cómhlan san do dhéanamh ní bheadh sí as do láimh go lá Philib an Gheitire! an chuma tuathalach, neamhcheárdamhail. Is ionann agam clé a's deas chun scríobhnóireachta: táim comhmaith leis an dá láimh. Ná bí clé, a Thomáis, fan ar an mbealach díreach, agus inns an fhírinne: ná bí cam: bíodh an aigne chóir, mhacánta agat.

cléachas: *f.1.* tuathalacht, mícheárd. Lé n-a chléachas féin seadh sciob sé ceann na hórdóige dhe féin leis an gcasúr: gan é bheith i ndán an casúr d'oibriughadh mar dhéanfadh duine eolgaiseach. Útamálaidhe diaill seadh thu, a's cléachas do baisteadh ort!: duine gan chrích, gan áird chun rud do dhéanamh.

cleachtach: *a.* taithigheach, uspaireach, gnáthach (do). Is mithid dom san gan puinn natha do chur im dhathachaibh, táim cleachtach ortha, is iad nár fhág leis na ciantaibh me: taithighe agam ortha. Dá mbeadh sé níos cleachtaighe ar an nGaedhling do labhairt bheadh sí aige ar sheódh na cruinne: gnáth: aithris mhion, mhinic ar ghníomh na cainnte. Dá mbeidhtheá cleachtach leis ní thaidhbhseóchadh leath chómh deóranta duit d'fhear: dá mbeadh breis aithne agat ar a shlighthibh 'sa bhéasaibh. Ní mór do dhuine bheith cleachtach ar nadhbhóig, óir tá sí cor(a)thónach: fios a slighthe baotha bheith agat.

cleachtadh: *f.* (*-ttha*) gnás, béas, nós: do thaithighe, do ghnáthughadh: taithighe, gnátheolas. Meabhruigh an dathad líne filidheachta san, déin cleachtadh ortha nó ní bheid agat: léigh airís agus airís eile iad agus bailigh isteach id chuimhne iad. Níl ionam an Fhrainncis do labhairt go pras mar ná fuaireas cao a cleachttha ach go fíorannamh: faill ar

bheith d'iarraidh í do labhairt lé daoinibh go raibh sí aca. Buadhadh ar ár mbuidhin peilene, nidh nách iongadh, cá raibh a gcleachtadh? trí huaire níor thángadar lé chéile le leathbhliadhain: aithris a buailte 'sa himeartha go minic. Cleachtadh againn annso an t-aonmhadh lá déag d'Fheabhra do choimeád 'n-a shaoire (Lá Fhéile Ghobnait) agus turus do thabhairt: béas: rud do dhéinimíd gach bliadhain. B'é mo chleachtadh riamh biadh maith agus aoibhneas: do shíor do bhíodh san agam. An dóigh leó so a bhíos ag cleachtadh droichbheart a's ná séanann iad, go raghaid go Cathair na nGrás(t)? ag déanamh droichbheart go mion minic. Caith uait an cleachtadh gránda, salach san, bheith ag caitheamh shilidhe os chómhair daoine: athchaitheamh silidhe. Focal marbh ar dhair seadh "omna" anois ní deintear aon chleachtadh air: ní baintear aon áis as. Cleachtadh labhartha os chómhair an tsluaigh: an gnáthbhéas: rud a déintear go minic. Tugtar obair theinteáin dos na daltaidhibh chun bheith ag cleachtadh a gceacht: ag gabháil díobh go mbeidís saothruighthe aca. Cleachtadh fada ar an bpeann do dhein chómh cliste é ar ráidhtibh gonta do chur lé chéile: athghabháil agus athghabháil. Cleachtadh ar chómhluadar daoine do bheir do bheith chómh híseal, muinnteardha: bheith ag síortheacht treasna ortha.

cleachtaim: *b.a. 7 n-a.* déinim taithighe, téighim i dtaithighe, ghním an rud céadna airís agus airís. Cleachtair daoine nách maith dhuit, séan iad: bír 'n-a bhfochair a's rannpháirteach 'n-a mbeartaibh. Cleachtair droichbhéas an lá ithir róthapaidh, is olc don sláinte é: ní h-aon lag(adh) ort ach ag déanamh an ruda chéadna. "Dá bhfaghainn aon chao ar mo bheatha airís do chleachtfainn, agus é bheith fúm, na drochbhóithre céadna", ars an fear malluighthe le linn bháis: dhéanfainn iad ceann ar cheann gan aithreachas. Luighe ar m'úrnaighthibh níor chleachtas a's me im óige: óg dom níor mhinic me ag triall ar chóngamh Dé le paidir. Rís an príomhbhiadh sa tíorthaibh thoir, is í is mó do chleachtaid: bainid áis mhinic ithte aiste. Lámh thapaidh lé n-ar cleachtadh claidheamh do tharang a's do bheartughadh go cliste: lámh a dhein an gníomh céadna chómh minic sin gur dheacair di teip. Gach nidh malluighthe do chleachtair scrios lé faobhar na haithrighe iad: na rudaidhe mí-iomchair a bhíos dhá dhéanamh agat de ghnáth. Cleachtuigh an droichmhianach atá ionat do smachtughadh: beir iarracht ar iarracht é do dhéanamh. Fear seadh me, beir leat, nár chleacht riamh easonóir ó aonne ní lugha ná uaitse: níor bhroiceas lé daoinibh a thabharfadh tarcuisne dhom. "Beireadh i bhfoghail air" "beireadh?" "sin é do chleacht sé": sin an béas a bhí aige: gur thaobhuigh sé leis.

cleachtamhail: *a.* gnáthach, gnásach, coitcheannta. Marbh atáim ag an rámhaidheacht chéadna so, nílim cleachtamhail uirthe, sid é an séamhadh hiarracht agam: ní béas agam bheith ag rámhaidheacht. Obair throm mharbhthach seadh úrlaidheacht (ag bualadh lé hórd) gan bheith cleachtamhail uirthe: gan bheith istigh ar chonnus í do dhéanamh. Budh chleachtamhla go mór ar Ghaedhilg é lé linn a óige ná ar Bhéarla, is í is minicighe bhíodh dhá labhairt 'n-a thigh: b'í budh ghnáthaighe ar siubhal aca. Sé an nós cleachtamhail atá ag muinntir na tuaithe anois lé bliadhain nó dhó anuas gan ach trí béilidhe sa ló do chaitheamh: de sin seadh tá béas déanta aca. Mórán suime ní chuirim 'n-a chuid spochaireachta san, táim cleachtamhail ar a gheámaidhibh: is eól dom na nósa atá aige. An diall a mháighistir chun aire do thabhairt do ghluaisteán, tá sé an-chleachtamhail air, mar is fada ag tiomáint é: dulta in eólas air ó fhaid na haimsire a bhí sé ag gabháil de ghluaisteán.

cleachtas: *f.1.* módh nó béas seasamhach ameasc daoine. Cleachtas atá ar clé anois, dob eadh ameasc na seanGhaedheal an filleadh beag do chaitheamh: béas coitcheann. Cleachtas eile ameasc na seanGhaedheal maireachtaint i gcrannógaibh ar lochaibh: modh cómhnuighthe. Rinne sé cleachtas d'imtheacht ceannnochtuighthe: taithighe go dtí go raibh sé 'n-a ghnáthnós aige.

cleachtuighthe: *a.r.* taithightheach, taithighthe, aithriste chun a mheabhruighthe. Budh chóir go mbeadh an dán san agat anois ó tháin ceann is minic cleachtuighthe agat é: léighte, aithléighte. Dubhairt sí go raibh sí cleachtuighthe aige i bhfad sar ar phósadar: go raibh a thriall uirthe. Is cuma linn cad deir an fear grinn seo, táimid cleachtuighthe go maith ar i rith ár saoghail: eolas againn ar a ráidhtibh lé n-a mhinicighe chloisimid iad. Nuair bheidh cailínidhe an Oileáin cleachtuighthe ar ineallaibh cnotála tuillfid beagán maith airgid sa tseachtmhain: nuair bheidh ar a gcumas iad d'oibriughadh ó neart taithighthe. Go dtí go raibh na fir cleachtuighthe ar bhéicigh an oifigigh bhídís scannruighthe roimis: ó bheith ag éisteacht leis chómh minic sin ar an gcuma san a's nár bh'aon dochar é. Rithfidh an capall san níos fearr nuair bheidh sé cleachtuighthe ar chúrsa an ráis: nuair bheidh an cúrsa rithte aige go minic agus eólas dá bharr aige. Fear cleachtuighthe ar pheann é sin, is iomdha scríobhadh déanta aige léi: oilte, cliste, eolgaiseach de bharr síorghnímh.

cleamhnach: *a.* mórán cleamhan do bheith ag duine, ar iomad cómhgais trí phóstaidheachaibh: connradhthach: cómhbáidheach. Bean chleamhnach seadh í, má seadh aonne, tá seisear inghean léi pósta: cómhgas aice lé cuid mhaith treabhachais eile. Budh mhaith an bhail ar Shasana í do bheith chómh cleamhnach le linn an Chogaidh Mhóir, bheadh thiar uirthe mara mbeadh cabhair na connradhtha a bhí déanta aice lé tíorthaibh eile. Cá hiongadh sochraid mhór do bheith ag Tomás Ó Máille, fear mórchleamhnach dob eadh é: fear go raibh aitheantas a's comhgas mór aige lé scoláiridhibh a's fairsinge ghaolta.

cleamhnas: *f.1.* cómhgas pósta, connradh, uaim phósta. Dá mbeadh cómhrádh ar siubhal ná taithneóchadh le duine déarfadh sé chun scéil tharais, "caithimís uainn é go luadhaimís cleamhnas" .i. stadtar de chainnt ait agus bíodh cainnt lághach eadrainn mar bheadh ag daoinibh a bheadh d'iarraidh uaime phósta do dhéanamh idir fhear agus mhnaoi. Nuair chídhtear beirt nó breis an-mhór lé chéile deirtear: "tá cleamhnas éigin eatartha": cuing éigin a shughas chun a chéile iad. In aimsir na hInide seadh bhíonn luadh ar chleamhnaistidhibh: daoine ag trácht go mbíonn so nó súd ag socrughadh cuinge pósta lé duine eile: ráflaidhe pósta. Gaol ná cleamhnas níl agam leat ach ní lughaide mo chion ort: níl cómhgas fola ná pósta ann. "Déinimis cómhar a's téighimís i gcómhpháirtidheacht ceannaidheachta" – "ní bheidh aon chleamhnas agam leat, mar nách mór é m'iontaoibh asat": aon bhaint ná chonbharsáid. Lucht cleamhnais is minic ná réidhtighid: daoine go mbíonn baint aca lé chéile trí phósadh. Tréis an chleamhnais bheith déanta a's gach aon rud socair chun an phósta, chúl an cailín a's briseadh é: cuireadh deireadh leis na margáintidhibh. B'iad coingheallacha an chleamhnais dá bhfaghadh an fear bás gan muirear go bhfaghadh an bhean an spré agus bailiughadh léi.

cleamhnughadh: *f.* (*-uighthe*) do dhul i gcuing phósta. Ó chuaidh an saoghal chun olcais, agus fonn ar an óige dul chun cathrach a's tar lear, is beag an cleamhnughadh atá dhá dhéanamh eadrainn: connradhtha pósta. Beidh an scoil seo thuas ar bheagán scoláiridhe i gcionn deich mbliadhan mara mbíonn aon chleamhnughadh ach mar seo ar siubhal: daoine bheith ag ceangal i bpósadh lé n-a chéile.

cleamhnuighim: téighim i gcuing phósta (lé). Lá suaimhis ní raibh agam ó chleamhnuigheas le Muinntir Néill: ó cheanglas me féin leó trí fhear díobh do thógaint mar chéile beatha.

cléarcas: *f.1.* feidhm cléirigh: do choimeád cúntas: eólas tráchtála. Ag déanamh cléarcais do bhíonn sé i dtigh Aitceans a's ní ag díol ar chúl na conntabhairte: ag tabhairt aire dos na leabharthaibh cúntais. Cléarcas cam do dhein sé nuair chaith sé ar a chéile uile luach na n-earraidhe do cheannuigheas, bhí sé ag baint corónach breise dhíom: an tslighe d'áirigh sé an cúntas go mícheart.

cleas: *f.1.*$_{7}$ *3.* beart ghlic, súgradh, cluiche, greann imeartha: éacht, gluais, gaois, gliocas, cluain, ealadha. D'imir sé cleas gránda orm, glaodhach isteach chun dighe orm i bhfochair na coda eile a's me d'fhágaint im bhambaire gan a fhiafraighe dhíom an raibh béal orm: mealladh suarach, calaois lúbach. "Cuir uaim do chuid chleas, ná bí ag imirt orm", ars an cailín leis an mbuachaill a bhí ag suirghe léi: gníomhartha grinn: ceáfraidhe gan díobháil: geámaidhe seóidh. "Chuaidh an glas so ar míghléas agus níl aon rud ná fuil tásdálta agam ach tá teipighthe glan orm í do chur ar feidhm" – "fág fúm-sa é, tá cleas agam air, agus cuirfead i bhfearas é": slighe ghasta ghlic le n-a dheisiughadh. Bhraitheadh Muiris na Tinte go mbíodh duine éigin as an dtigh ag bradghal ar an dté (agus é gannchúiseach daor an uair sin an tseanshaoghail) agus 'sé cleas a rinne sé ná cuil bheó do chur i stán choimeádta an té. Ar theacht abhaile dho ní raibh aon chuil ann – cómhartha gur oscail duine éigin an stán! agus 'sé adubhairt sé: "A Mháire, cá bhfuil an chuil?": beart ghasta, ghlic. In aimsir na mbuidhean bhruighean do bhí fear ann go ngairmthí "Séamas an Bhata" air de bhárr cleasa cosanta agus ionnsaidhthe a bhí aige, go mbeireadh i lár ar a bhata a's go gcuireadh dhá bhuille dhe in aon iarracht: imirt phras, oilte. "Liam na gCleas" an leasainm a tugtí ar mhúinteóir a bhí ar an mBuailtín ar an áilteóireacht gan díobháil do bhíodh aige leis na daoinibh ghá dtarang chun cártaidhe agus braoin dighe: a chuireadh a chuid meallaireachta 'n-a luighe ortha. Bhíodh cleas ag "an Yorcar" a dheineadh sé le dhá hata agus cheithre mionphrátaidhe – iad go léir do chur fé aon hata amháin i ngan fhios don súil: clisteacht láimhe: basluas. An rud is fearr do dhéanamh le gadaidhe ná an cleas céadna: an déanamh céadna do thabhairt do – goid uaidh! Cuimhneóchad an dá lá dhéag a's mhairfead ar "chleas na lúibe", ag fear ar ráiseanna Bhaile an tSagairt, mar chasadh a's lúbadh sé ar a chéile incil a bhí aige agus thabharfá an leabhar breac go mbeadh an cipín san lúib agat ach mo mhairg! praschlisteacht na mbas chun na lúibe do scur. Deintear cleas na péiste ar stoc go mbíonn "an phiast" aca: easarlaidheacht éigin leis na basaibh. Lá ráis seadh chídhfeá lucht cleas, gach aonne aca ag beartughadh a chéirde féin: obairidhe – fuirsiridhe a ghnidheas rudaidhe cliste le basluas a's lucht déanta éacht lúth. Ar chuma ná ar chleas ní fhéadfainn an fhuinneóg d'oscailt: dá bhfaghainn duais mhór as, nó pé eólas d'imreóchainn air. Leathanuigh tuairisc an chleasa gaile, go dtroidfeadh sé aon bheirt chlaidheamhach ar

fuaid na hEóraipe: éacht gaisce: beart oilte nirt. Dá bhfeictheá duine ag déanamh ruda a chuirfeadh iongadh ort nó a bheadh ag dul de dhuine eile do dhéanamh, déarfá, "tá do chleas agat". "Tá an lóchrann teasa so ag dul díom do chur ar siubhal, ní fuláir nó is cleas éigin atá air nách eol dom": gliocas, eólgaiseacht, ciúta ("níor chaillis an seanchiúta riamh" – slighe fé leith leat féin ná raibh ar eólas ag aonne ach agat). "Cé oscail bothán na gcearc airéir a's leig don sionnach mo chearca d'árdach leis?" – "tá fiafraighe air sin. Cé dhéanfadh é ach lucht na gcleas": an dream (daoine óga) ná bíonn aon chúram ortha ach ag déanamh gníomh seóidh. Leig dom, a mhic ó, mar níl aon chleas id ghoile nách eól domsa: ná bí d'iarraidh bheith rómhaith dhom, mar níl cor do chuirfeá dhíot ná go sáróchainn. Leig dos na leanbhaidhibh, cad é do chúis ortha? nílid ach ag déanamh chleas: ag súgradh dhóibh féin. Ná bíodh a thuilleadh argóna againn mar gheall air cé go bhfuil an ceart aige, nó cé nách bhfuil ach dheinimís "cleas na leanbh": éirghe dá chéile: leigeant lé chéile. Dá mbeadh leanbh ag lútáil tímcheall ort ag tnúth lé rud déarfá – "cleasa iad so".

cleasach: *a.* glic (ar nós sionnaigh), suarachghlic, cealgrúnach, imearthach, inntreamhail. Féach gur cleasach é an mada ruadh, d'fhanfadh sé annsúd 'n-a shuidhe ó bhaoghal nuair ná raibh madra ná gunna agam go dtí gur chorruigheas chun dulta fé n-a dhéin: cor inntleamhail. Bhuaileadar lé n-a chéile ar an dtraen, chaith an duine deóranta a raibh aige ar an bhfear ón áit, leig air go mbeadh airgead ag teacht chuige i gcionn giorracht aimsire, fuair sé ón nduine baoth é, annsan go cleasach ghread an bioránach leis! amus mealltach. Gheall sé dhom dá dtugainn lá oibre dho go ndíolfadh sé an cómhardú liom, ach nuair bhí a ghnóth san déanta d'fhág sé me ag seimnit "Dhómhnaill na Gréine" (fonn magaidh), nár chleasach dho é: suarach, táir díbhlidhe: gníomh gan meas gan fiúghantas. Ar m'eólas níl aon gharsún is cleasaighe ná Liam Beag, ní bhainfeadh aonne an bheárna dhe ag mealladh dhaoine le n-a chuid scéalta go ndéintear talamh slán díobh: chómh cliste sin ar chroiceann do chur ar scéal dá áidhbhéisighe go meallann sé an uile dhuine.

cleasaidhe: *f.4.* duine slightheach, aisteóir, áilteóir, giolla cor. Seadh, tá sé marbh anois, go ndeárna Dia an trócaire air, dob é an cleasaidhe é, mhuise, an lá do chuir sé an dá fhód mhóna fhuinnte i bpaca don bhfear a's gur chreid seisean gur dhá cheann muice a bhí sa mhála, a's an lá eile do chúm sé ainm an tsagairt lé teisteas bréige beartha chun garsúin do bheith san aos cheart chun dulta i gcabhlaigh Shasana: áilteóir, duine a dheineadh rudaidhe seóidh ná déineadh díobháil d'aonne. Nár bh'é an cleasaidhe an té a thógadh an bhallóg as an oidhean nuair bhíodh drom mhná an tighe leis a's go mbíodh sise ag cur a thuilleadh teine ar an gclúid a's gur beag dá fhios aice an t-oidhean do bheith follamh: ruidéiseach: fonn air rudaidhe gan puinn díobhála chun bob do bhualadh. Chuir sé fiacha an chapaill (a bhí díolta aige) 'n-a phóca laistigh go feistighthe, dar leis, bhuail lucht óil leis – cleasaidhthe éigin – ar maidin ní raibh pingin 'n-a spaga: daoine nár bh'aon teamhair aca rud do ghoid lé n-a suaraidheacht.

cleasaidheacht: *b.3.* caitheamh aimsire, déanamh éacht, freachnadh arm, gluais: slighe ealadhanta i ndéanamh ruda, basluas, clisteacht: luathlámhacht: aicillidheacht. Mo thuairm gur lé n-a cleasaidheacht do mheall an tónóg an scafaire fir sin aice a's nách lé n-a breághthacht: bearta cliste, meallaireacht gur dheacair a n-aithneamhaint. Tán sibh cortha ó bheith ag obair i rith na seachtmhaine, bíodh cleasaidheacht éigin agaibh indiu

’sanocht, peil, cártaidhe, rinnce nó rud éigin gan duadh a bhainfeas bhur n-aigne d’obair: caitheamh aimsire. Cleasaidheacht iongtach seadh é don bhfear a sheasuigheas gan tuiteam ar dhá chapall (cos ar an gceann aca) agus iad ’n-a lánrith: gníomh an-dheacair. Lá dá rabhas i mBaile Bhodáin, ar oilthireacht Bhulbh Teóin do bhí cuid d’ár n-arm ann ag freachnadh dúinn: ag foillsiughadh cor is cleasaidheacht fear agus armála d’iondrabháil i gcath. Mara mbeadh cleasaidheacht éigin ón ndiall do bheith aige ní fhéadfadh sé, go dtuitfeadh an tón as, teacht amach as chófra go mbeadh glais air gan é do bhriseadh: diablaidheacht: slighe éigin a chuireas spearbail ar na súilibh. Leis an gcleasaidheacht teangan atá aige chuirfeadh sé an dubh ’n-a gheal ort, ní bheadh cúig agat ’n-a choinnibh ná beadh a freagra aige: clisteacht nó rionnaithe cainnte: an teanga ar a dheis féin aige. Fear na dtrí gcártaidhe agus me féin, chaitheamair an lá ag tuargaint a chéile, dá ghéire d’fhairinn é, dá fheabhas a dheininn mo dhícheall, lé cleasaidheacht éigin ní bhfaghainn an bhainríoghain choidhche: basluas, gliocas iondrabhála na gcártaidhe. Gan cleasaidheacht ní furaiste breith ar choinín in inneall – ní mór dhuit taithighe a nós, aithne ar na casánaibh agus connus na gaistidhe do chur san treó cheart: slighe eolgaiseach: ciúta áirighthe do bheith agat chuige.

cleasamhach: *a.* áiseamhail, cliste: do dhéanamh cleas basluais: obaire. Is cleasamhach na fearaistidhe teasa atá ag teacht amach anois, lóchrainn oíle, teasadáin aibhle etc.: cliste ’n-a ndéanamh. Maith cleasamhach a bhís i mbéal an bháire nuair bhí an pheil ag dul thar na cuaillidhibh: áiseamhail: ránguighis ann lé neamhchoinne nó cinneamhaint thar do thoil. Bhíodh táilliúr annso fadó, cleasamhach ceart, chuireadh sé an oiread san spearball súl ar a lucht féachta go gcreididís go gcuireadh sé mionphrátaidhe síos trí bhilleóig an bhúird! fear cliste cleas.

cleasbheartach: *a.* glic, eólgaiseach ar rud a thaidhbhseóchadh dodhéanta. Fear cleasbheartach dob eadh é, chonnac lá é agus soc aige ná treabhfad lé n-a mhaoile agus bhí ag gabháil de gur chuir goradh air é féin: inntleamhlacht. Tráth amháin agus sluaighte na hAistria ag teitheadh ó arm Neapóilean treasna leac oidhreach sé a dubhairt “an Corparal beag” cleasbheartach gan caitheamh ortha ach ar an lic oidhir rómpa chun a briste agus an bealach éaluighthe do chosc: fear go raibh inntleacht an domhain ’n-a inchinn.

cleaslúthmhar: *a.* bheith ag baint le cleasaibh (gníomhaibh) lúth nó gaisce. Dar lé fuirinn peile Chiarraighe ná fuil a’s ná raibh riamh fuireann ar chródh na himeartha budh chleaslúthmhaire ná iad féin, agus cuid a ráidhte aca: dream dob fhuinneamhla ná budh eolgaisighe ar imirt peile. Fear cleaslúthmhar aonne a léimeas sé troighthe dhá órdlach!: duine go mbíonn ceol ’n-a chnámhaibh.

cleasradh: *f.1.* gluais, spórt, cluichidhe, siamsa, aisteóireacht, áilteóireacht, obaireacht. Áit mhór chleasraidh dob eadh an Buailtín fadó Lá Inide nuair bhíodh scata póstaidheacha ann, seódh, rinnce, amhráin, lucht imeartha a’s lucht óil a’s subháilcis: siamsa a’s caitheamh aimsire an tsaoghail eile aca ann. An t-ineall atá aca chun beartha ar bhallach, an-chleasradh lín seadh é: líon mion i lár agus dhá ghárda leis de mhogalaibh móra nuair imthigheann an t-iasc tríd an mogall mór ó thaobh, téigheann in achrann san líon mion agus árduigheann leis é ar a cheann trís an mogall thall go ndéineann póca dhe.

Chaithimís an lá ar fad, a's sinn 'n-ár ngarsúnaibh, ag faire ar chleasradh Mhícheál na mBullaidhe 'sa dhá bhulla 'sa thrí cipínidhe aige, agus ar Loidleó 'sa chártaidhe (beirt chroidhean iongtach a ghaibheadh annso dathad bliadhain ó shoin): ag gabháil dá gcéird chómh healadhanta, aicillidhe sin go mbailigheadh na sluaighte 'n-a dtímcheall. Cé go raibh scorán (zip) ar phóca cromáin a thriubhais aige agus gan aon chodladh ar a shúil, nár mhór an cleasradh é don té ghoid a chuid? aicillidheacht, méar.

cleasuighim: *b.a. 7 n-a.* meallaim (chun), déinim súgradh, imrim, déinim gníomhartha gaile. Nuair braitheadh an t-airgead aige a's é maol, deóranta san áit, chleasuigh cladhairidhe éigin chúcha é, ghá chur 'n-a luighe air go rabhadar ghá threórughadh san áit do theastuigh uaidh dul, ach is amhlaidh do chuireadar amugha é a's níor fhágadar "lighe na léithe" aige: ag dúmas bheith ar mhaithe leis. Ar shearcus seadh a chleasuigheann daoine: marcaidheacht capall, siubhal ar théid, fuagháil fén uisce 'sa liacht rud eile nach cumas don ngnáthdhuine do dhéanamh. Cleasuigheann an t-iasc ar loch gach tráthnóna breágh chidhfeá ag léimrigh ar chuileannaibh é 'n-a gcéadtaibh: bíd ag éirghe anáirde go beó mear ag ingheal lé meidhréis.

cleith: (**cleath**) *b.2.* cleathacha, cuaille, staic, earcalán, astal, sparra, bata, blúire láidir fada caol adhmaid cuirtear idir fráthachaibh an tighe agus an díon chun é do choimeád ar cóimhionannas. Annsan, i bPoll Dhún Binne do marbhuigheadh Pádraig ó Freállaigh iomad ballach lé n-a chleith iascaigh: cuaille caol, láidir de dheaghadhmad. An rud atá uait do gheóbhfá agus fáilte ach é do bheith fé chleathachaibh an tighe agam: fé iadhadh an tighe: é do bheith agam in ao'chor. "Sé budh cheart do thabhairt dó san, cleith!" deirtear lé neach ar bith ná h-iomcharann é féin nó a bhíos cnámhdíomhaoin. Réab an stoirm na cleathacha de chrannaibh na luinge a's d'imthigh na seólta leó: na sparaidhe cruinne acfuinneacha a bhíos amach ós na crannaibh 'sag iomchar na hanairte. Cleith fir atá déanta dhe le déidheanaighe, féach an fhaid atá ann a's an fás atá fé: scafaire, ógánach groidhe. Asal chómh dúr a's shiubhal an féar riamh, nár mhór duit cleith chun oibre do bhaint as: bata maith fada lé n-a bhualadh. Cuirfead cleathacha 'n-a seasamh sa chlaidhe agus dhá shraith cairche (bhaghar!) ortha chun an stuic do choimeád gan dul i bhfoghail: blúiridheacha teanna adhmaid: staiceacha. An chleith tiomána (prioctha) a bhí aige i ndiaidh an ainmhidhe bhoicht budh cheart an dlighe do chur ar n-a taobh: an bata rómhór go mbíodh sé ag gabháil air leis go neamhthrócaireach. Droichmhian fir ná raibh riamh gan cleith ailpín aige chun smíste do thabhairt do dhuine ar an gcúis budh lugha: bata go raibh geall nó ubhall ar a cheann fé n-a ghreim air. Bhaineadh gach cóch gaoithe smúit as chleathachaibh an tighe: as adhmad an chinn. Gheóbhair tearmann a's cosaint uaim acht teacht fém chleith úd namhaid: fém chlúid: foithin. Tháinig sé a's a chleith aige: a bhata láimhe (siubhail).

cleathach: *a.* cleathacha nó ribínidhe do bheith ann, díreach mar bhíonn easnaidheacha sa duine. Tigh maith cleathach seadh é, agus is feárrde an díon san é: mórán astal (blúiridheacha fada slinne) curtha chun an chinn do theanntughadh. Leirg fhliuch, bháidhte, chleathach ná bíonn innte ach éanlaithe uisce a's slata. Tuighe láidir churraigh ar nós na giolcaighe ag fás ann.

cleathainisidhe: aistrighthe, maingisínidhe, mionrudaidhe. Chuaidh a chleathainisidhe amugha ar an dtraen, bhí a léinteacha 'sa bhróga a's rudaí mar sin i mála mór leis, 'sis baoghalach ná faghaidh go deó: na rudaidhe a theastuigheas ó thaisdealaidhe ar a thurus. Cleathainisidhe go maidean bíonn ag na Púncánaibh seo a thagas abhaile ón Oileán Úr: maingisínidhe éadach a's a leanas an chóir thaisdil is gábhadh dho dhuine.

cleathaireacht: *b.3.* stealla-mhagadh, fonmhóid, leithéis, scigireacht, áilteóireacht. Stad ded chleathaireacht, ní chreidfeadh aonne uait go bhfuilir ar tí na tuaithe d'fhágaint a's dul chun cómhnaidhthe sa bhaile mhór: ná bí d'iarraidh sinn do chur amugha lé scéal ná fuil fonn ort do chur chun críche. Beidh cleathaireacht ag an bpobal fút má théighir chun aonaigh leis an raispín bó san agat: fonmhóid: féachaint agus cainnt na ndaoine go déistinneach ort. Aonne thógfadh aon cheann dá chleathaireacht san, ná téigheann lag air ach ag déanamh seóidh fé dhaoinibh, is measa é 'ná é féin: duine a bhíos ag cainnt 'sag cur tharais gan puinn díobhála d'aonne: leithéis: cainnt ná bíonn an fhírinne ná dáiríre 'n-a feighil. Sin é fuair sé as a chuid cleathaireachta, ní fhéadfadh gan bheith ag magadh fés gach aonne, ach siúd fear a thóg n-a theallaireacht a chuid gleáchais agus a bhuail é. Cleathaireacht chainnte leis gach aonne a bhuaileas leis, ag déanamh seóidh fés gach aonne gan aon fhonn mioscais ná díobhála ann: ag déanamh gleáchais: ag áilteóireacht: ag déanamh grinn des gach aonne. Cuir uaim an chleathaireacht a's ná bí d'iarraidh cion beirte do bheith agat, ní bhfaghair ach do cheart ar nós chách: cuir uaim na bóithre atá fút d'iarraidh an chuid bhreiseamhail do bheith agat. "Cad tá ag fear an tighe seo dhá dhéanamh indiu?" – "faic, ach cleathaireacht": díomhaointeas. Cleathaireacht! ní dhéanfadh an mhainís (manaois) seo obair go deó na ndeór: ceal cur chúiche 'n-a ceart. Pé áit go mbuailimíd lé chéile ní fhéadaimíd leigeant dá chéile gan bheith ag cleathaireacht: ag áilteóireacht: ag imirt chleas ar a chéile, d'iarraidh magaidh do dhéanamh dá chéile. Dá fhaid bhíodar ag cleathaireacht ar a chéile féach gur phósadar: bhíodar ag suirghe gan dáiríre.

cleatharáil: *b.3.* glór mar a bheadh ag cleathachaibh dhá bhualadh ar a chéile: suathadh. Chuala an chleatharáil sa chisdin, áruistidhe ag tuiteam, corcáin dhá threascairt, a's glór an diaill bhuidhe féin, d'éirigheas, a's bhfuil a fhios agat cad bhí ann ná cat an tighe agus franncach – stail fhranncaigh – i muineál a chéile, ag tabhairt uile thaobh na cisteann isteach. Cleatharáil dhuaibhseamhail, anacrach, chonntabharthach do b'eadh teacht i dtalamh sa drochchalaidh san oidhche: útamáil fé dhóirnibh gan comhthrom. Ráinig cleatharáil mhaith daoine ar an mbaile indiu, is beag áit ná go bhfeictheá daoine ag déanamh cúirim ann: roinnt a's iad gnóthach. Cad é an chleatharáil atá annsan agat tímcheall an chornchláir? brisfir a bhfuil anáirde air: glór de chionn útamála. Bhodharfadh an chleatharáil a bhí ag gárda lathaighe an ghluaisteáin duine mar bhí sé ar bogadh: an glór a dheineadh sé a's é ag crothadh 'sag bualadh. Budh dhóigh liom go mbeadh an fear san ag déanamh go maith, bíonn a lán cleatharála dhá dhíol aige: gréithre: earraidhe beaga a's móra. Caith do chuid cleatharála síos san mhála san a's congaibh i bhfochair a chéile iad: gach aon rud atá le breith leat agat – beag a's mór, mion a's ramhar. An chleatharáil a bhíonn aige ameasc na gcloch, an t-aindeiseoir lé n-a clabhastraidhibh bróg: an glór a's an dul tré chéile. Fuaireas cleatharáil nár bheag liom di, ón mbeirt aca nuair chromadair ar me do leagadh: suathadh: tuargaint: sádhadh a's tarang, a's fáscadh. Tá cleatharáil ar airgead ag an mbuachaill: tá oiread aige dhe go

mbíonn sé ghá chaitheamh go rabairneach. An áit go mbíodh cleatharáil ar iasc fadó riamh tá chómh dealbh lém bhais anois: dul tré chéile a's corruighe san áit dá bhárr. Bíonn sé ag cleatharáil oibre, ach is olc é, ó briseadh a chos: d'iarraidh bheith ar a dhícheall chun ruda éigin do dhéanamh. Nách í an tSeapáin atá ag tabhairt na cleatharála don Sín: tuargaint: ghá thraochadh a's ghá scrios gan sos.

cleatrach: *b.2.* an t-ucht 'san bhrághaid: cliabh (an duine). A Dhia, tair fém chleatrach: isteach im chroidhe. Bhuail an capall ráis ar an léim adhmaid a's gearradh go doimhin sa chleatraigh é: amach n-a ucht suas ós n-a cosaibh i dtreó an mhuiníl. Ar son Dé, clúduigh do chleatracha a's ná bídís leis, lé feicsint ag an saoghal mór: do bhrágha a's t'ucht: ód mhuineál go dtí do bholg.

cléirceacht: *b.3.* do bhaint leis an gcléir: cómhacht agus úrlámhas na cléire. Mise ghá rá leatsa agus creid uaim gurb í an chléirceacht budh bhun leis an gclampar 'san iomchogadh atá ins an Spáinn – theastuigh uatha (an chléir) gach aon nidh bheith fé n-a gcumas féin: a gcómhacht do chur 'n-a luighe thar ceart.

cléireach: *f.1.* ball den gcléir: fear in órd beannuighthe: i ngach bráithreachas nó coitchiantacht Chríosdaidhe bíonn eidirdhealughadh idir an gcléir agus na tuataidhe, agus is iad an chléir ortha an dream go mbíonn ceadamhnas aca mar shagairt chun seanmóna do dhéanamh ar an soiscéal: feadhmannach a choimeádas tuairiscidhe agus cúntaisidhe in oifigidhibh poiblidhe nó le comhlacht gnótha: fófheadhmannach nó cóngantóir i stór nó i siopa gáinealaidhe: cúntasóir: scríobhnóir cairteanna (dlighe): rúnaire: duine go mbíonn léighean air: duine a fhreagras an tAifreann. Ní fearr dhuit cléireach na paróiste ghá innsint duit (searbhas): ná creid focal de. Chaith sé a shaoghal 'n-a chléireach altóra: friothálaidhe Aifrinn a's cúntaisidhe ar bhreith, phóstaidheachaibh a's bháiseannaibh an cheanntair. Obair dhom dhalladh chómh mór san nár mhór dom cléireach chun teachta uirthe: cabharthóir; cóngantóir. Ní sagart gan cléireach thú deirtear lé duine a bheadh ag cainnt a's go soláthróchadh taca aon rud a bheadh dhá fhágaint ar lár aige. Cad é an mhaitheas sagart gan cléireach? cad é an mhaith duine ná bíonn duine éigin i gcómhnaidhe chun a chuid cainnte do chríochnughadh ar shlacht. Dearmhad an chléirigh ar a chlog, deir duine nuair bhíonn dearmhad déanta aige nár cheart do trí thaithighe agus a chuireas moill air (ní féidir leis an gcléireach altóra a chúram do dhéanamh gan a chlog). Ní raibh cléireach sa Mhumhain budh carthanamhla ná an tAthair Ó Loinsigh, ní raibh scraiste, bacach, spailpín ná fear siubhail ná go mbíodh a dtriall air: fear eaglaise (eagailse). Chaitheadh sé a chúntaisidhe d'fhágaint fé n-a chléireach, mar ná raibh aon tabhairt suas leabhar ná áirimh air féin: cóngantóir gnótha a's cúirim. Is é cléireach na cúirte a thairngeas an leabhar (an Bíobla) don bhfíné ar chlár na mionn: an té a choimeádas riar na gcúiseann agus na mbreath do lucht ceannais na dlighe. Déanfaidh an máighistir cléireach i dtarang an udhachta: duine go dtugtar cómhacht dhearbhtha do chor nó scríobhnóireacht dhleaghthamhail do dhéanamh. Mo ghradhain mar chléireach, sé cléireach an aitinn é, nár fhéad cúntas cruinn do choimeád riamh: cléireach gan mhaith.

cleite: *f.4.* an fás a bhíos ar sciathánaibh éan: ceann mór láidir aca san a cúmthar 'n-a pheann chun scríobhtha leis: an clipe a bhíos ar ghráineóig: clúdach, culaithirt: ornáid i bhfeirm cleite mar bhíonn ar bhairéad saighdiúra, teideal neamhmaitheach. Dá mhéid an

meas a bhí aice uirthe féin ná geóbhadh lé buachaill, i ndeireadh na dála baineadh dá cleitidhibh mar nár ghaibh aonne léi thall ná abhfus: baineadh an lán (an tóirtéis) di. Budh mhór an réim a bhí fé sa cheanntar, budh dhóigh leat air gur leis na daoine idir chorp agus anam, ach budh mhór an bhaint dá chleitidhibh gur buadhadh air ar an dToghadh Coitcheann: an maolughadh mórchúise. Mám na gCleitidhe: ainm. Cleite eile 'n-a chaipín i dteannta a raibh cheana ann gur éirigh leis an scrúdughadh déidheanach so do shaothrughadh: árdughadh céime: breis onóra dho. Éanlaithe d'aon chleite gabhaid lé chéile: éanlaithe den chineál chéadna. D'imthigh peannchleitidhe as an saoghal: na pinn a déintí dhíobh. Cad n-a thaobh ná fuadófí an cóca féir gan cheangal gan dhaingniughadh ná raibh péas cleite ann don ngála: ar nós an chleite i neart na gaoithe. Mhuise, an fear bocht níl ann anois ag aois a's taomannaibh breóidhteachta ach ar nós an chleite: duine gan tathag. 'Sí an ainm chleite a bhíodh ag ár seanmháighistir nuair scríobhadh sé chun na bpáipéar, "An Common Noun": ainm scríobhnóireachta. Féach na cleitidhe cos atá fúithe: cosa gan reimheadas ná neart. "Nuair théighim chun aonaigh a's feirc im bhéabhar/ Is pras do thaoscaim puins ar bórd/ Nuair bíonn gach réic aca (múinteóiridhe scoile) ag siubhal na hÉireann/ 'sa gcleitidhe géadhanna i dtaobh thiar dá dtóin" (amhrán): pinn déanta de chleitidhibh géadhann. Nuair bhí na coinghill scríobhtha aca chuireadar an chleite leo: sighiniughadh. Ar chlos dom gur bhuadhas dhá chéad púnt tháinig cleitidhe orm: tháinig an oiread san lúthgháire orm go rabhas i reachtaibh eiteall.

cleiteach: *b.2.* cleitidhe a's an clúmh ar fad: lé linn an chlúimh do chaitheamh díobh dos na héanlathaibh. Sin cearc gan ubh gan bogán tá sí sa chleitigh: ag caitheamh an tseanchlúimh di. Connus phósfadh sé? ná fuil sé ag cleitigh, gan cor gan glaodh as: chómh marbh a's bheadh seanchearc a bheadh ag caitheamh a cuid clúimh di.

cleiteach: *a.* cleitidhe do bheith ar. "Tá an galar cleiteach ar a bhfuil de chearcaibh agam" ars an tseanbhean: an clúmh ag tuiteam díobh. Éan an-chleiteach seadh an phéacóg: mórán mór cleitidhe uirthe.

cleiteach: *a.* discréideach, rúnchoimeádtach, fé leith. Níor ghábhadh bheith chómh cleiteach mar gheall ar an margadh céadna, b'eól dóibh go bhfaighfí amach sa deireadh a n-imtheachta: ag folach an chúrsa. Dá mbeidhtheá ag cuimhneamh 'sag smaoineamh go deó ní chuirfeá amach an áit chleiteach go raibh an teachtaireacht i bhfolach ar a phearsain aige: áit rúnda: áit do-fhaghála.

cleiteachán: *f.1.* cleite beag: duine éadtrom suarach. Cad é an mhaith tusa, a chleiteacháin ar cheann téide: i gcomórtas, gan péas suip ionat: duine an-éadtrom.

cleiteóg: *b.3.* cleitín, cleite beag, bean bheag gan aon ghastach, bád nó aon árus farraige éadtrom gan aon tathnag (tathac), puinn. Tair isteach a's ná bí ag déanamh cleiteóige dhíot féin ag argóint leis an mbaidhléar mná san: bheith mar bheadh circín ag glágarnaigh. D'imthigh sí 'n-a cleiteóig ar fad lé déidheanaighe, ní mór gur fhan oiread mo dhuirn innte: chuaidh sí i luighead san éadtromacht go gcuirfeadh cearc mheathluighthe i gcuimhne do dhuine. Bád gan puinn deallraimh seadh í ar an airgead, cad tá innte i ndrochfharraige ach cleiteóg ar thrócaire na dtonn: bád gan péas gan

stóinsightheacht nuair bhéarfadh uirthe. Cá bhfuil an bheatha ’n-a iothlainn? – trí nó ceathair de chleiteógaibh stácaidhe: stácaidhe suaracha.

cleith: *b.2.* do chur i bhfolach, folach, ceilt, taide. Gan cleith air dubhairt sé gur aige do bhí an tsluid ach nách é do dhein í ach ní scéidhfeadh ar an té a rinne í: gan aon choimeád ’n-a rún aige air. Gan cleith orm gur thógas ballóg aráin lé linn an ocrais: gan aon cheilt ná séanadh agam air. Coimeád fé chleith go bhfeacamair ag éalódh ó n-a chuid oibre é: bíodh sé ’n-a rún. An diall rud bheadh fé chleith aige siúd uait, an duine croidheach, dá mbeadh aige le tabhairt duit: coimeád ná ceilt. Bhí dhá chéad púnt fé chleith aige leis na bliadhantaibh, chuir sé iongadh ar gach aonne nuair thairng sé chuige é: i nganfhios. Labhair sé gan chleith go mbeadh cruadhtan ar na feirmeóiridhibh i rith Chogaidh an Fhearachais ach gur bh’é a ndualgas do bheith buantseasamhach: go hoscailte ’n-a thaobh. Níl cleith ar an olc ach gan é do dhéanamh (seanfhocal): ’sé an folach is fearr ar dhroichbheart gan í do dhéanamh: leigeant di.

cléithín: *f.4.* cnámh brághad nó uchta. Briseadh cléithín uchta le beaignit, a’s ní raibh sa mhaith chéadna ó shoin, mar nár shlánuigh sé.

cleithire: *f.4.* scafaire fir nó mná, iasc go mbeadh toirt ann, aon ainmhidhe ceathair-chosach go mbeadh toirt ann, go mórmhór faid: cladhaire: fear cleas (gan díobháil). Anuas go fiche bliadhain ó shoin is ins an bparóiste seo bhíodh na cleithiridhe fear, lúthmhar, láidir, mear, tapaidh, anois níl ann ach smithiridhe éadtroma gan lúth gan léim. Ghaibh cleithire bacaigh chugham agus cleithire mná in aonfheacht leis, go ndubhart leo gur chóra dhóibh bheith ag obair agus lé n-a gcuid cleithireachta d’fhreagadar me – aonne go raibh obair ná fonn oibre air leigeant do í do dhéanamh: bacach groidhe scafánta agus a mhacsamhail de mhnaoi. Cleithire seadh thu, a Liaimín, bheith ag dúmas gur leabhar atá uait chun an airgid, ach táim láidir gur mílseán a’s toitínidhe é: cleasaidhe nách misde leis bréag d’innsint chun do loirgireachta d’fhagháil. Is mór é a ghoile, d’ith sé trí cleithiridhe scadán anuas den dtlúth (an tlúth fútha dhá róstadh): scadáin gharbha. San loch san níl ach cleithiridhe breac, mar craosairidhe breac seadh iad agus ithid na bric mhiona: bric mhóra láidre, thaithigeacha. ’Sé an spaid de chleithire capaill é is mó dá bhfeaca riamh ní thairngeóchadh sé an chairt fhollamh: capall toirteamhail gan mhaith. Tá a gclann ’n-a gcleithiridhibh: éirighthe suas.

cleithmhagadh: *f.1.* seódh a’s greann glic, sult neamhurchóideach. Bítí ag cleithmhagadh sa Daingean agus tharais soir fadó fé mhuinntir an Dúna so, toisc ná bíodh Béarla againn, thugaidís “asail” a’s “cábóga” orainn a’s go bhfóiridh Dia ortha, níor lé feabhas a gcuid Béarla é. Bhuail sé síos an tsráid agus dhá théadán ruadha tharais aniar gan chasóg gan bhairéad, tosnuigheadh ag cleithmhagadh fé, duine ghá fhiafraighe dhe an ar Shliabh an Fhioláir d’fhás tuighe na dtéadán, duine eile ghá fhiafraighe dhe cé hé an táilliúir a dhein an chasóg (ná raibh air) a’s mar sin de: ag déanamh seóidh fé. Cleithmhagadh ceart fúm seadh mo rothar d’iarraidh ar iasacht agus gan é do chasadh orm: magadh glic amach ’samach.

cleitighim: *b.a. 7 n-a.* cuirim cleitidhe nó a n-aithris air: tagann cleitidhe orm. Fuaireas trí cinn d’fhiachaibh mara óga ná raibh cleitighthe a’s ná féadfadh léimeadh uaim: gan na

cleitidhe ná an clúmh tagtha ortha. Cleiteóchaidh na seabhaic ghorma an tseachtmhain seo chughainn chómh mór san go mbeid aibidh chun léimthe mara dtógair in am iad: tiocfaidh a n-iomláin cleitidhe ortha gur féidir leó eiteall. Dar an Leabhar Breac ach is maith do chleitighis thú féin, a inghean ó, maran ar do hata atá na ruibínidhe fada: do ghiobais agus chóirighis tu féin d'fhonn bheith ag éileamh breithnighthe na ndaoine. Chleitigh na saighdiúiridhe iad féin: chuireadar cleitidhe nó macasamhail ar a mbairéadaibh.

clé-lámhach: *a.* do bheith níos áiseamhla leis an láimh chlé nó níos prasa. Clé-lámhach atáim agus is fusa dhom caitheamh tharm (cré etc. lé sluasaid, móin lé píce) ar chlé nó an lámh chlé bheith rómham amach ar úirlis nó scríobh léithe ar pheann. Cuimhnigh gur clé-lámhach atá do chéile cómhraic agus seachain a cheatóg mar is léi thabharfadh an t-úrlár duit: is í an lámh chlé is mó atá ar a chumas chun buailte léi.

clí: *b.4.* an t-ucht, an chabhail, fés na heasnadhachaibh, an croidhe, an corp, an cholainn; an fonnadh daonna. "B'fhearr dom", ars an tseanbhean chráidhte nuair chuala sí gur lámhachadh a mac a's é 'n-a bhráighe "ná geinfinn riamh im chlí é": im bhroinn. Ní ruaigfeadh dochtúiridhe na Mumhan an tinneas a bhí thíos istigh annsan agam fé bhun m'easnaidheacha: istigh im chléibh: laistigh den gcruit. Tá mo chlí cortha tréis an lae a's ní hiongadh san, tá siubhalta na fichididhe mílte agam: mo chnámha, mo chorp uile. Mhairbh an chasachtach a bhí im chlí me: im ucht.

cliabh: *b.2.* árus fighte de thuigidhibh; an t-ucht, an bhrághaid, na heasnaidheacha go léir. [San Dún so againn agus mórdtímcheall ní tugtar "cliabh" ar aon árus fighte ach ar an gceann do h-iomcharthar ar dhruim dhuine]. Grádh lém chléibh (chliabh) thu, a mhaoinín a's agam ort atá an cion: a chuid den tsaoghal is istigh im chroidhe atá an grádh dhuit. Mhuise grádh lém chliabh an fear bocht, nách é atá go goirtighthe: grádh istigh im chroidhe é. Grádh mo chléibhe thu, a Thomáis, is deas, gasta an imirt ar chárta í sin: do tharang aniar, is geal lém chroidhe thu. Ag saothar agus duadh siubhal i gcoinnibh an chnuic tá mo chroidhe i mbéal mo chléibhe: san gcuid is uachtaraighe den ngoile: san easnachán. Ó! th'anam 'on diall do stad an greim i mbéal mo chléibhe agus mara mbrathaim gortughadh ní lá fós é: in easnachán nó i scórnaigh mo ghoile. Cléibheanna cnoc agus trágha do mharbhuigheadh na fir bhochta: ughamacha tuigidhe lán de mhóin (ar an gcnoc) chun teine nó lán d'iascánaibh nó d'fheamannaigh (sa tráigh) chun leasuighthe. Is istigh im chléibh-se i ngan fhios d'aonne do bhí rún a chrochta ar an meathtach, ach nár mhaith liom clampar do dhéanamh: istigh go daingean im chroidhe. Níl aon leanbh is ionmhúine ná leanbh na cléibhe: do leanbh féin. A chroidhe im chliabh thú, éist go míneóchad fáth mo ragairne dhuit: a dhuine nách bhfuil slighe cheana d'aonne im chroidhe a's im smaointibh ach duit-se amháin. Galar cléibhe. Is fada galar cléibhe ag gabháil do: an eitinn. Tugann fuaraidheacht agus neamhaire galar cléibhe do dhuine go róthapaidh: tugann an eitinn do. Fágfaidh ualaighe trom cabhán cléibhe ort, táid ghod chlaoidheachtaint, mara n-éirighir asta.

cliabhán: *f.1.* cás déanta de thuigidhibh chun éan do chongbháil ann: leabaidh sobhogtha, so-aistrighthe 'n-a luasctar leanbh, naoidheanantacht etc. Dheineadh Deáighí cliabháin éan dúinn agus sinn beag, do chuirimís ar tineall fé bhrághaid smólach, lón dub, a's colúr:

árus déanta de thuigidhibh go mbíodh déanamh clóidh cinn an tighe air. Cuirtear an anairt anois uirthe (an bád), tá an chliabh déanta: an fonnadh nó an obair fhighte lé tuigidhibh. Fiosaránaidhe gan allus gan náire bheadh ag fiafraighe 'sag fiafraighe dhíot d'iarraidh a mbeadh id chléibh do mhealladh uait: istigh in iargcúlacht do smaointe. Léigheas fógra bearta ar an bpáipéar, ghá rádh i gcoingheall ann ná glacfí lé neach ach an té go raibh Gaedhling ón gcliabhán aige: ó thosnuigh sé ar labhairt. An gcualaidh aonne a mhaireas a lithéid de scéal áidhbhéiseach, níl oireamhnach do neach a chreideas é ach an cliabhán! é do bheith san áit go mbíonn leanbhaidhe sara dtagann cainnt, ciall ná tuigsint dóibh: duine róshaonta a lithéid.

cliabhlach: *f.1.* ón ucht síos go gabhal. D'imthigh an tinneas a bhí im chliabhlach nuair d'ólas an brannda: im bholg. Drocháit duine do bhualadh, é do bhualadh sa chliabhlach: ós na h-easnadhachaibh síos. Sháidh duine aca an duine eile sa chliabhlach, a's slán mar n-innstear é, d'imthigh a phutóga ar silleadh leis an mbán!: sa bholg. Capall go bhfuil an iomad cliabhlaigh aige é seo chun aon ráis do bheith ann: capall go bhfuil a bholg 'sa bhaotháin róbhorrtha. D'íosfadh an garsún so a thuilleadh, bail ó Dhia air, tá cliabhlach mór aige: bolg a's goile. Bíonn mo chliabhlach an-chlaonta lé fuacht d'fhagháil dá shuidhinn ar fhéar glas: mo bholg. An cladhaire sin! níl lúb 'n-a chliabhlach nách eól dom, camasghal ó thúis deireadh seadh é: istigh san áit is sia siar agus is iargcúlta 'n-a chreatlach. Is iomdha cor 'n-a chliabhlach san: árdchladhaire seadh é. An biadh sin! ní bheinn ag tabhairt cliabhlaigh do, a lithéid eile ní fheaca riamh: ní chuirfinn im bholg ar aonnidh é.

cliabhthuirse: *f.4.* brón a's croidhe-bhrughadh. A Íosa, méaduigh cliabhthuirse mo pheacaidhe ionnus ná peacóchad airís: brón trom dubhach cuir mar ualach ar mo chroidhe. Cuireann daoine áirighthe cliabhthuirse orm ar an méid rachmais do chídhim aca 'sa laighead a rinneadar don tír seo lé linn a gábhtair, agus daoine uile a thug a raibh aca i láimh 'si gcois a's gan luid den éadach ortha: bíonn sé 'n-a shliabh duaircis ar mo chroidhe a's mo smaointibh. Chaith Dréirde í féin in uaigh a leannáin a's d'éag de chliabhthuirse a bháis a's a chailleamhna: brón dofhulaing tuirse a chlaoidh an croidhe innte.

cliamhain: *f.3.* (*iol.* cleamhnacha, cleamhnaithe) céile inghine dhuine, cómhgas geairrid trí phósadh. Dá mbeadh a seacht n-oiread agaibh ann idir ghaol a's chleamhnaithe níl tor madra agamsa oraibh: gach n-aon go bhféadfadh sibh aon tsaghas muinnteardhais d'éileamh. Nách cliamhain isteach atá sa tigh úd?: cliamhain a tháinig isteach chun maireachtainte i dtigh 'n-a raibh an bhean.

cliamhaineacht: *b.3.* cómhgas trí phósadh. A dhuine mhalluighthe, tóg aghaidh do chaoraidheachta dhíom, ná bí ag éileamh gaoil ná cliamhaineachta ormsa, mar ní ded shíol ná ded threabhachas me: níl aon tsaghas ceangail ná cuibhrigh fola ná eile eadrainn go mbeidhfeá buannamhail orm.

cliar: *b.2.* gasra, cuallacht: an t-órd fear do cuirtear leithrigh trí óirdneadh i gcóir ócáididhe creidimh nách ionann agus an tuath-phobal: na húird bheannuighthe: na báird: cóir. "Cad é an saghas daoine go rabhais ag cur fút aca?" – "do bhí gnaoi na gcliar ar an

uile dhuine dhíobh lé macántacht": cuma na sagart ortha. Scata mór aca (Franncaigh) a tháinig i dtalamh agus chuadhadar 'on tsáipéal mar a rabhadar ag cantaireacht ar nós na gcliar: cóir amhránaidheachta. Á, ní fhéadfadh an aimsir do bheith puinn níos aoibhne, a bhuidhe dho Dhia, ná cloisir cliar na n-éan gach maidean: cóir a's treithear a's ceól éan. Seachain an chliar, ná fearguigh í, b'fhéidir gur tú do choineallbhádhadh do dhéanfaidís: do ruagadh as an eaglais agus ó chómhluadar críostaidhthe.

cliath: *b.2.* (*cléithe*) (*iol.* cliathacha, cléitheacha) úirlis feirmeóireachta go mbíonn blúiridheacha láidre adhmaid (trí nó ceathair d'órdlaidhibh ar a dtaobh) curtha treasna n-a chéile agus fiacal iarainn, sé hórdlaidhe nó mar sin ar faid síos ó gach áit go mbíonn na hadhmadaidhe 'n-a chéile chun cnapán ithreach do bhriseadh, oscailtidhe cosamhail lé mogallaidh lín eatartha: bráca: sparra adhmaid, slapar crainn: cosáin seóil (figheadóra): maide rámha: ucht an duine: sluagh fear: deisiughadh stoca: mórán nó bailiughadh nó tiomarga: rolla: clár ainmeach etc.: na scuilb do chuirtear le géig leónta chun a coimeádta in ionad d'fhonn a snadhmtha: sraice nó slaod adhmaid feistighthe lé chéile chun dul ar iontaoibh saortha air: fonnadh crosoibre i gcóir grianán a's rudaidhe eile mar toradh do choimeád lé falla: ansmacht. Ar mbeith don gcapall ráis ag léimeadh an fháil cheangail a chos tosaigh i bpoll na cléithe a's leagadh é féin san marcach: na lataidhe adhmaid a bhí oibrighthe 'n-a dhéanamh lín. Gort an-chnapánach seadh an ithir sin, caithfear an chliath do chur air chun na cré do mhíniughadh: an fonnadh adhmaid go mbíonn fiacla iarainn ar an dtaobh thíos chun a thairnge ar thalamh ithreach chun é do bhriseadh a's do chóiriughadh i gcóir an tsíl, nó chun an tsíl do chlúdach: bráca. Faill sa Dún so againne go dtugtar Faill Cliath uirthe, bhíodh na báid go léir ag caladhthóireacht ann tráth: faill na sluagh (fear) nó faill na maididhe rámha, na gcrann a's na gcleathach go léir – céaca? d'oirfeadh aon mhíniughadh don áit. I bhfaill eile againne (An Ghlas-fhaill) tá poll suas innte go dtugtar "B'l'Áth Cliath na Glas-Fhaille" air: théigheadh mórán raice suas ann; an mar gheall air sin do fuair an poll an ainm? poll daingean chun raice do choimeád ann? Ghlaoidh sé amach gach ainm, má bh'fhíor é, ach ní raibh m'ainm-se ar an gcliath (gcléith): tiomarga ainmeach. Fuairthé mná mo bhean, an uile stoca im sheilbh tá poll ann a's gan aon fhonn uirthe cliath do chur ortha: deisiughadh. Cliath fhear againn os chionn dathad, d'iarraidh an ghluaisteáin do thógaint as an ngleann: scata nó gasra mhór. Aon néal chodlata níor tháinig airéir orm ach cliath a's duadh ar mo chlí: casachtach luighte go trom ar mo shíneánaibh anála mar bheadh an bráca anuas ceangailte síos san ithir: casachtach throm, mhúchta. Féach nár dhírigh an chos tréis a briste aige, mo thuairm gurb amhlaidh nár cuireadh an chliath 'n-a ceart léi: cláirínidhe adhmaid nó aon adhbhar eile chun cnámh briste do choimeád 'n-a ionad. I ngáirdínidhibh cuirtear cliath adhmaid i gcoinnibh falla chun toraidh go mbíonn cosa laga fé do choimeád anáirde a's n-a sheasamh lé gréin. Bhris an figheadóir a chliath seóil: an chóir figheadóireachta. Budh bheag é ár gcliath catha, dathad éigin fear, i gcoinnibh shluagh trom: díorma troda. Árdshíobhróir seadh é, níl fear ná bean ó Dhún Chaoin go hAbha an Scáil ná inneósadh sé a gcliath seanchais dhuit, cuireann sé isteach gaolta a's cómhgas a's ceann trátha chómh maith lé tuairisc scríobhtha. Cliath shlat an chéad droichead, nó tóchar, do cuireadh ar an Life gurb as san do gairmeadh B'l'Áth Cliath ar phríomhchathair na hÉireann: slata nó slapair crann curtha treasna ar a chéile. B'fhada Éire ag iomchar na cléithe gur chaith sí dhi í Seachtmhain na Cásca: ag iomchar éigin a's anbhroide Shasana. Fág mo radharc, níl aon iontaoibh agam gur cliath chúmhdaigh tu: neart cosanta.

cliathadh: *f.* (*-thta*) do chur bráca ar thalamh nó ithir threabhtha: do dhlúththroid (a chéile). Gort diaill cnapánach gur chaitheas an lá ar fad ghá chliathadh, sara raibh sé mín agam: ag tarang an bhráca air. Chuaidh an chaid lé h-ais an chlaidhe i ndíg draoibe a's thug an dá thaobh cliathadh dhá chéile go raibh loirngne dubha aca agus salachar go cluasaibh ortha!: tuargaint, sádhadh a's brúghtam dlúth ar a chéile. Tugann collach seal fada ag cliathadh cránach: ghá cumaisc.

cliathaim: *b.a.* feisighim, cumaiscim, rithim: brácálaim. Cliathaidh an gort san go maith, mar tá sé trom righin: mionuigh a's mínigh an chré lé bráca. Níor chliathaidh an collach an chráin mar ná raibh sí fé chlí: níor luigh sé uirthe (an chráin) i gcumaisc. Ní raibh cearc sa scioból nár chliathaidh an coileach céadna san: nár chuir geineamhaint ionta.

cliathán: *f.1.* taobh, leicne (cnuic), leirg (chnuic), an faobhar, an chiumhais, bléin, maothán, luan, leas. Ní ró-annamh do fuaireas tréis na hoidhche é ar chliathán bóthair: tuitighthe (ar meisce) gan bheith i ndán an baile do thriall. Shín sé suas lém chliathán agus chrom ar me do shúngcáil i gcoinnibh na n-easnaidheach: luigh sé isteach lém thaobh – óm ghualainn go cromán. Ar crochadh sa chistinn – cistinn dheaghthomhaltais – do chonnac dhá chliathán bagúin: leathtaobhanna. Cliathán cnuic tirim seadh é agus is ann do gheóbhfá creabhair go iomadamhail: taobh cnuic: ón-a bharr go dtí n-a bhun a's gan é géar. Lé cliathán Sheáinín ní dhéanfadh sé aon teasbánadh: i gcomórtas le Seáinín. Lé fánaidh anuas do bhí an dá chapall cliathán ar chliathán ach i gcoinnibh an aoird do chuaidh ceann aca chun cinn: ar cóimhrian: ar chómhtharang(t): comhthrom nó cúiteach lé chéile: ní raibh órdlach ag ceann aca ar an gceann eile. Shín an long chogaidh suas lé n-ár gcliathán agus d'fhiafruigheadar an bhfeacamair aon "lachlong" (submarine!): thángadar ar chómhuisce linn. Adhbhar maith capaill é sin, tá cliathán maith aige: ó n-a ghualainn tosaigh siar go dtí a chuiripe deireadh tá faid ann. Lá Fhéile Gobnait (an t-aonmhadh lá dhéag d'Fheabhra) bíonn cliathán tagtha don lá: bíonn faid mór dulta air. Tabhair do chliathán don sín anois, óir ná fuil sé de chiall agat fanamhaint istigh uaithe: fuilng anois í! Thairng an capall go hobann na haradhna, a's ní mór ná gur strac sé an cliathán amach asam: cuireadh duabhais ar na féithleógaibh atá óm ascail síos go cromán. Thug an feirmeóir cliathán mór talmhan dá mhac nuair phós seisean: leirg thoirteamhail. Is bláthmhar an cliathán prátaidhe é sin agat: leirg thalmhan go mbíonn faididheacht ann. Ní deacair sinn do thriall tá ár dtigh ar chliathán an bhóthair go soiléir: in aice an bhóthair. Tháinig galtán mór lán d'adhmad aniar ó Bhaile Sheáin, tá sí lé cliathán an chéidh: sínte leis. Dá sínteá ar do chliathán ní thiocfadh tromluighe ort: ar ghualainn a's chromán amháin. Thugas mo chliathán don imireóir nuair chonnac im ionnsaidhe: mo thaobh dá thurraing.

cliathánach: *a.* láidir, tolgach (taobh), de chliathán (thaobh). Suidh díreach os choinne na teineadh, tabhair slighe do dhuine eile, a's ná bí cliathánach uirthe: do thaobh nó do chliathán do bheith léi. Sé an áit go ndeárna an ólaidhe an díobháil go dtáinig sí cliathánach ar an mbád: ar a taobh (ó n-a thosach go deireadh ar a faobhar (a gunail)). "Tabhair cómharthaidhe an fhir dom d'fhéachaint an b'é go rabhas ag cainnt leis" – "fear árd cliathánach, lom": ó ghualainn anuas fada córach, déanta. Táir cliathánach go maith má tá aon mhaith eile ionat: tá aoirde ionat má tá neart dá réir. Fan ó dheireadh an

chapaill sin chun beartha air, tair cliathánach air: tair ar thaobh, fan ó n-a cheann a's ó n-a chosaibh deireadh ar eagla do ghreamtha nó do bhuailte. Nách guairneánach ataoi, fan cliathánach liom: ná bí rómham a's ná bí im dhiaidh.

cliath-leathadh: *f.* (*-thta*) ag fagháil fuachta ar brághaid a's ar ucht: préachadh. Beir dhá cliathleathadh gen aimsir mara gcuirir clúid éigin cosanta ar do bhrághaid: gheóbhaidh an fuacht greim ort (raghaidh sé i luighe gaibhte) ar do thosach. Im stuipéar annso ó mhaidean dhá chliathleathadh ag an nduibheachadh gaoithe anoir seo: an fuacht a's nimh na gaoithe ag gabháil tríom toisc gan me bheith ag corruighe. B'ádhmharach an fear é nár cliathleathadh é, gan teine gan teas, ar feadh seachtmhaine fliche in Inis na Bró nár préachadh é: ná deaghaidh an fuacht ceangailte ann go bhfaigheadh bás.

cliathrach: *b.2.* an séithleach: na heasnaidheacha tríd amach: casán de: cleathachaibh ar bhogach. Don diall me gur mór an cáthadh fuair sé ón dtaom breóidhteachta úd níl ann ach an chliathrach: na cnámha a's an chuid chruaidh den gcolainn. Tinneas a's tinnidheacht im chliathraigh eile ag dathachaibh: im chnámhaibh go léir. Cliathrach a bhí mar léim ar ráiseannaibh Bhaile an tSagairt: adhmadaidhe laga curtha treasna ar a chéile chun fáil do dhéanamh. Bheith ag tiomáint seamann (seamanna) i luing iarainn lé fearas go dtugtar gunna air, do shuadhfadh an chliathrach ionat, um thráthnóna ní bheadh ballnasc, ioscad ná alt id chorp ná beadh ag gearán: na cnámha uile. Ar mbeith do Railé bheith ag teacht chun iomshuidhte Dhún an Óir b'éigean do cliathrach d'adhmad coille do chur anuas ó Imill Áth mar bogach dob eadh an áit, agus bhí na gunnaidhe móra ag dul ar lár san mhóin: géaga crann caithte treasna ar a chéile. Thiar ar fad ins an Oileán Úr, fuairtheas cliathrach ainmhidhe leis an seanracht a bhí deich dtroighthe fichead ar faid agus go raibh sciatháin air! cnámha garbh a's mion, an chruit gan feóil, gan féith.

clibirt: *b.2.* brughtam, comhrac, bruighean ghleóidh, coimheascar, achrann doiréidhte. An chlibirt a bhí ag an eascúin fharraige ar thóin an bháid, ag léasadh lé n-a hearball a's ag cnagairt gach ruda go mbeireadh greim air, chloisfeá a hiarrachtaidhe dhá chéad slat ó bhaile! an glór ag tuargaint gach rud 'n-a slighe d'iarraidh éaluighthe. A's sinn 'n-ár leanbhaidhibh scoile ghaibheadh mórchuid cóistidhe sciathánach tímcheall Chinn Sléibhe agus caithtí pinginidhe sa sciúiteam chughainn, a's budh mhór an chlibirt do bhíodh againn, gach aonne d'iarraidh iad do bheith aige féin: útamáil a's gleódh mar bhíonn ag lucht peile i mbrughtam. Iasc ag dul 'on líon chómh tiugh san go gcloisfeá clibirt aige dhá bhaint as an snáthach: cnagghal mar bheadh duine ag bualadh ar an ndoras. Conntabhairt róbheag a's an iomad daoine d'iarraidh tosach do bheith aca ar a chéile, clibirt aca ag brughadh a chéile: ag dréim go glórach lé chéile, ag sádhadh a chéile as an slighe go fuadrach. Beidh clibirt ar chártaidhibh anocht ges na buachaillidhibh, indiu an lá aca chun na mírdhéirce d'fhagháil a's beidh an t-airgead aca: beid go léir ag imirt go fonnmhar, gleódhach. Dá mbeadh iasc leasuighthe agat ar an margadh Satharn na Nodlag bheadh clibirt air dhá cheannach aca so ná cómhnuigheann cois farraige: ag sádhadh chuige a's ghá cheannach go pras, gan puinn áird ar an luach aca. Clibirt chruaidh a bheidh tímcheall an toghaidh seo anois in áiteannaibh eile idir Fianna Fáil a's Cumann na nGaedheal: cómhrac dian ná fágfar guthaidhe gan beartha go both na nguth.

cling: *b.3.* combualadh clog, creidhill. Ar an gclódh atá ort ní fada uait lá do chlinge: an lá buailfear na cluig ag fógairt do threascartha. Ó imthigh Cill Chais a's a teaghlach/ ní cloisfear a cling go bráth: beidh an áit bánuighthe a's gan neach ann do bhuailfeadh cluig an teampaill.

cliobram hob: *f.* sult a's meidhréis a's gleódh, scléip. Sin bainis go mbeidh cliobram hob uirthe, mar is fada, fairsing iad gaolta a's lucht leanamhna na lánamhan: dul mór tré chéile. Bhíodh cliobram hob againn Lá an Dreóilín ó thigh go tigh ag rinnce 'sag ranngás i mbréigriocht: greann a's sult a's gleódh a's gáiridhe.

clíodhna: *b.4.* duine (go mórmhór bean) a bheadh caithte croithte ó bhreóidhtigh. Dhein clíodhna anuas ar an dtalamh di: d'imthigh sí 'n-a scruitín gan spiota fiadha anáirde uirthe.

cliogar: *f.1.* glór ceódhachánach do dhéanamh ar nós loscáin: grág gharbh mar ghníonn an fiach dubh nó cróg ghlas. An chun eagla do chur ar a chreich bhíonn an cliogar gránda céadna dhá shiolla ag an bhfiach dubh? glór garg scórnaighe: i gcómhnaidhe bíonn cróg amháin 'n-a cathais (faireachán) don scaoth, agus í an-bhraithteach. Chómh luath agus chídheann conntabhairt leigeann sí cliogar: glór garbh, fógrach.

cliospghail: *b.3.* teangbháil obann na mbeol a's an fhuaim bhog a dhéinid. Is leis a bhí an fheóil ag taithneamh, cliospghail aige 'n-a bhéal tréis a blaiste: smeachadh a chloisfeá go maith. An chliospghail do bhí air nuair bhlais sé an fíon bán den gcéad uair: an chuma shásta go raibh sé ag smeachadh a bheól ar a chéile.

cliotar: *f.1.* glór fothromach, nó cnagach: clagairt. "Cliotar!" ars póca an té nuair thuit sé as mo láimh ar an lic: briseadh é a's dhein sé cnagarnach. Ar an gcliotar atá agat leis na háruistidhibh déanfair a ngnóth: ar an gcnagghail atá agat leó ghá mbualadh ar a chéile. I rith na hoidhche bhí cliotar cleatar ag an ngaoith leis an ndoras, mar ná raibh sé fáiscighthe 'n-a cheart: mionbhualadh i gcoinnibh na húrsan. Thairng sé lé n-a dhorn lé fuinneamh ar an gconntabhairt a's bhain sé cliotar aiste, gur chuir a raibh de ghloinidhibh uirthe ag cnagarnaigh. Ní fhéadfadh mo chodladh tuiteam orm ge cliotar na ngunnaidhe ar feadh na hoidhche: glór agus cnagarnach.

cliotaráil: *b.3.* do dhéanamh cliotair nó glóir chnagarnaigh. Cad é an diall cliotarála atá ort cois an dorais? nó cad tá uait ná stadfadh, tá mo chluasa bodhar agat: fothrom ag rudaidhe ghá iondrabháil. An madra uisce go raibh an chliotaráil aige d'iarraidh teacht as an inneall: an ionfairt a bhí aige, bhain sé cnagarnach as an inneall.

clipe: *f.4.* ball de chorp éisc siar ar a dhrom: bíonn sé 'n-a shíorsheasamh ar éisceannaibh beaga a's rinn chaol ghéar ar na bearraibh a bhíos air, agus luigheann ar a chéile mar ghníonn clárchos éan, ar éisceannaibh móra, an chráin díobh an craosaire (a's an craosaire gréine) etc. bíonn sé doluighte ar a chéile: fearg, buile: crádh, céasadh. Tháinig clipe ar an lá in árd an tráthnóna, d'fheannfadh sé cat: chuaidh sé i bhfuaire go raibh "nimh" ar an ngaoith a's go mbainfeadh an croiceann anuas. Tréis a innste dho gur bheag é mo mheas air tháinig clipe air chugham, agus bhuailfeadh me mara mbeadh an t-eagla:

d'éirigh a chochall: las sé le feirg. Tá clipe ar an bhfear san: tá nimh air: d'aithneófá ar a dhreach gur duine sothógálach é. Cuir díot an clipe: mínighe ná bí chómh nimhneach. Fuaireas clipe ón saoghal má fuair aonne é – deóraidheacht, braighdeanas, ocras a's cleithmhagadh: crádh gan chuimse. Scannruigh an t-ainmhidhe iad, dhearbhóchaidís go dtín lá indiu go bhfeacadar dhá chlipe ar chómh mór lé seól báid bhig: an dá earróig (róig) a bhí ag fós ar chnámh a dhroma. Raghadh clipe deargáin lé n-a ghéire go beó ionat: bíonn bearra sa chlipe sin. "Clipe?" - "níor chlipe go dtí é, a fuair sé ó n-a lucht éisteachta, ag búirfigh a's ag cur ceisteann air": crádh. Cuir do chlipe san bhfeóil sin: sáidh do lámh agus beir uirthe. Tagann clipe ar na buaibh sa gheimhreadh aige cheal a gcoda féin: bíonn an cnámh droma chómh lom san go mbíonn éirighthe anáirde gan go leór bídh.

clipighthe: *a.r.* cráidhte, tuirsighthe. Bheidhfeá clipighthe aige ó bheith ag éisteacht leis ag cainnt ar an Oileán Úr, budh dhóigh leat air ná raibh aon tír fé luighe na gréine ach í: tuirseach de. Chuaidh clipe éisc i súil m'órdóige agus táim clipighthe aige, tá sé ag déanamh braoin. Obair annso agam atá ag dul díom a's táim clipighthe im shaoghal aice, ag déanamh dearmhad 'sag dul amugha gach tráth den lá: as mo mheabhair aice. Duine clipighthe dob eadh é nuair fuair sé amach gur imthigh a chuideachta uaidh i ngan fhios a's gur fhágadar bóthar fada roimis lé siubhal de chois a's n-a aonar: cráidhte, ciapuighthe.

clipim: *b.a.* crádhaim, goirtighim, traochaim. Méar thinn a bhí agam a chlip me ná féadfainn rian oibre do dhéanamh léi a's do bhíodh ghom ghortughadh gan stad: a chrádhadh an croidhe ionam. Fan socair faid bhead ag baint an deilg sin a's ní chlipfead ach uairín thu: ní ghoirteóchad thu etc. Chlip an madra amach na caoirigh gur chaitheadar stad lé saothar: choir sé iad: thraoch iad: thnáidh iad.

clis: *a.g.* ar cleas, mealltach, gangaideach, creamhaireach, lúbach. Cuir uaim do ráidhte clis, mar is d'iarraidh me do mhealladh ataoi, go bhféadfá a innsint dom cad é an cárta go bhfuilim ag féachaint air: cainnt nách fíor ach go bhfuilir d'iarraidh a háiteamh orm. Bhíodh ubhall clis ag an obaire ar an rás go ndeineadh an uile shórt cleas leis a chuirfeadh iongadh ort: ubhall go mbaineadh sé áis as ag gabháil dá chuid obaireachta – basluas cleas. Mheallfadh a beól clis siúd an dúthaigh: dúmas séimhe agus lághaicheachta a braithar.

clis: *b.2.* preab, geit, obaineacht. Chuiris clis im chroidhe nuair screadais orm gan choinne: chuiris ag léimrigh é. Bhaineas clis aiste ar theacht i ngan fhios uirthe a's mo dhá láimh do chur ar a súilibh: preab aiste. Tháinighis de chlis orm, ní fheaca ná ní chuala thu: gan choinne, éalódh orm.

cliseach: *a.* braithteach, geiteamhail. Bím an-chliseach ist oidhche, an páipéar do chorróchadh ar an mbóthar léimfinn lé faitchíos aige: scáthmhar. Rud róchliseach seadh an scuab-sa na n-Ósbuidéal, is lé hádh mór do bhuadhfá: neamhdhearbhtha, neimhchinnte. Ainmhidhe fé thrucail níos clisighe ná é is deacair d'fhagháil, léimfeadh sé ó n-a scáth: ar barrghal geit do thógaint.

cliseadh: *f.* do theip, do chur díombáidh (ar), do mheath. Mara mbeadh tú do chliseadh orm a's gan an teachtaireacht rathuighthe do thabhairt chugham mar órduigh an t-oifigeach duit, ní déanfá bráighe choidhche dhíom: tu do theip orm. "Ag cliseadh orm ataoi riamh! seo anocht airís ar digh thu tréis a gheallamhna go raibh deireadh agat": ag cur díombáidh orm: mo shúil do chur ar neamhnidh: theip ar an méid sin sásta do thabhairt dom: neamhchoinne, meath ar mo choinne. Chuireas muinghin mhór as ár dtreóraidhe, ach is eagal liom go bhfuil ag cliseadh orainn dá aindeóin: na rudaidhe go raibh súil agus dóchas againn ann iad do dhéanamh nílid ag éirghe leis. Cliseadh do chleas ort! na rudaidhe neamhmacánta atá fút go dteipid ort.

clisiam: *f.1.* glór mar bhíonn ag leanbhaidhibh ag súgradh, mórghlór cainnte ná féadfá dho bhreith leat do thuigsint, gleódh a's geóin a's coimheascar. Chuala sé clisiam i nGleann Daibhch i lár na hoidhche dár nár thuig focal: dhein sé púcaidhe den scéal: glór coganchainnteach, cainnt íseal agus mórchuid di ar siubhal. Ag ár gcat-ne 'sag franncach – seibine mór franncaigh – do bhí an clisiam ó sheómra go seómra d'iarraidh buadhachtaint ar a chéile: an glór a's an fothrom ag bualadh i gcoinnibh gach aonne a bhíodh n-a slighe. Clisiam ar fad dob eadh an scoil, ní mór duine ann ná go raibh a ghlam anáirde aige, gur tháinig an cigire isteach, annsan chloisfeá biorán do thuitfeadh, le ciúnas: gleódh chainnte. Suim ar bith ní chuirim id chuid cainnte ní bhíonn innte ach clisiam: glór follamh, glór gan éifeacht.

clisiamach: *a.* glórach. Cá bhfuil an áit is clisiamaighe ná faithche súgraidh scoile nuair bhíonn na leanbhaidhe amuigh?: is mó glóir. Tá mo chluasa bodhar ag an dtigh seo gach aonne 'sa ghlam aige téighimís léd thoil i dtigh éigin níos neamhchlisiamaighe: níos lugha glóir a's gleóidh.

clisighil: *b.2.* (**clisgheal** *3.*) do dhéanamh seóidh, d'imirt cleas, d'áilteóireacht: siamsa, caitheamh aimsir. Bhíomair – rud nár ghábhadh dhúinn – ag clisighil ar an mbacach, ag cur pingine ar thóin drabhlaighe uisce dho nó amuigh ar bharra dhroma na cathaorach go mbíodh an duine bocht liath againn: ag imirt chleas a's gleáchais air. Sa chlisghil dóibh, a's iad ag imirt ar a chéile, leagadh duine aca a's buaileadh a chúl ar fhaobhar cloiche gur goirtigheadh é: iad ag priocadh ar a chéile 'sag imirt. An t-aon chlisgheal a bhíos ar siubhal aca fén dtuaith, bheith ag rinnce: caitheamh aimsire.

clisim: *b. n-a.* teipim, teipim (ar); sáruightear me. Chlis dhá uair i ndiaidh a chéile orm dul de léim tharais a's d'éirigheas as: theip ar mo dhícheall. Má chliseann ort, tásdáil airís is minic do bhí an dara hiarracht éirightheach: má theipeann ort. Má chídhir i dteannta me, ná clis orm, tair chun mo thárthála: ná teip orm: ná tréig me in am mo ghéibhinn. Mara mbeadh gur fadó do chlis na cnámha orm-sa ní bheinn ag brath ar aonne chun teachtaireachta do dhéanamh dom: go dtángadar im choinne a's go bhfuilid gan bhrigh. Leigeann sé air go gcliseann foghluim na Gaedhilge air, chun ná beidhfí ghá éigean: ná héirigheann leis í d'fhoghluim. Bíodh muinghin agat as má thug sé a fhocal duit, níor chlis sé ar fhear riamh: ní dheaghaidh sé i gcois a fhocail riamh. Chlis máille éigin istigh sa ghluaisteán ná raghadh sí ar siubhal: chuaidh ar míghléas.

clismirt: *b.2.* súgradh, coimheascar, cómhrac, bruighean. Beidh clismirt ar chártaidhibh sa Daingean anocht, táid anoir 'saniar ann i gcoinnibh a chéile: suathadh: cómhrac dian d'fhéachaint cé bhuadhfadh. Chaitheas ubhall sa sciúiteam, a's cad é clismirt a bhí ag na leanbhaidhibh d'iarraidh a ghreamuighthe: dul tré chéile a's brughadh. Gach lá aonaigh bíonn earraidhe athchaithte dhá dhíol sa chairt, a's bíonn clismirt ag muinntir na tuaithe ag ceannach rudaidhe saora: brughadh a's dul tré chéile tímcheall fhir an díolta. Ní fheacaís ach an chlismirt a bhí agam leis an gcat d'iarraidh beartha air, ag léimeadh ó úrlár go frathachaibh uaim: coimheascar: mise ar mo chroidhe díchill d'iarraidh beartha air, eisean d'iarraidh teicheadh uaim. Shéid an fear cirt an scréachóg nuair bhí clismirt rófhada i mbéal an bháire a's gan an pheil in imirt: coimheascar d'iarraidh a sealbhughadh. Ráinig tromchlismirt eatartha, eisean d'iarraidh í do phógadh sise d'iarraidh é do chosc: troid i dtaobh na póige. Sin mar táid riamh bruigheantach, achrannach a's clismirt éigin dlighe eatartha ar bhúngo bhanngo: pléidhe i gcúirt ar chúis shuaraigh.

cliste: *a.r.* oilte, glic, eólgaiseach, fiosach, eagnaidhe, deárscnach. Fear cliste é gur beag gnóth a thairngeas sé air ná go saothruigheann: fear go bhfuil eólas air: fear ioldánach, go bhfuil inntleacht 'n-a inchinn. Chuir sé chun éaluighthe ón dtarbh go cliste, sheasaimh mar a raibh aige gur thug sé fé, annsan chaith go hobann ar an dtalamh é féin gur imthigh an t-ainmhidhe tharais!: rinne sé beart chuimhnteach. Cailín cliste ar shnáthaid seadh í, déineann sí obair bhreágh ghréise: eólgaiseach ar an snáthaid do bheartughadh a's obair shlachtmhar do dhéanamh léi go maith. Bíonn an brothaire an-chliste ar ainmhidhthibh d'fheannadh ó neart an taithighthe: eólas fé leith aige air. Nách cliste é an gabhar chun drafadóireachta: thiocfadh sé as aon áit: eólgaiseach ar a chosaibh do chur i bhfeidhm greama.

clisteacht: *b.3.* luathlámhacht, basluathacht, aicillidheacht, gastacht gnímh, éirim. Lé n-a chlisteacht tímcheall capall, dar leis, ná raibh aice ach féachaint ortha ar an gcéide a's go dtoghfadh sé lé n-a shúil an ceann dob fhearr: lé barr eólais ná beadh ag puinn. Lé clisteacht a mhéar dheineadh sé na mílte cleas ar chártaidhibh, d'imthighidís as radharc ós chómhair do dhá shúl a's láthruighidís as neamhnidh: eólas gasta doifheicse ar na méireannaibh d'ionramh: basluathacht. Bhaineadh sé ceól as an bpiadhanó le clisteacht a mhéar, a chuirfeadh aoibhneas ar do chroidhe bheith ag éisteacht leis: aicillidheacht, an tslighe nó an comar a bhí aige chun na teangbhála budh cheart do dhéanamh. Clisteacht shaighdiúrachta an tSáirséalaigh do bheir do gluaiseacht ist oidhche agus ordanás Ríogh Liam do shárughadh a's do shéideadh ag Baile an Fhaoitigh: cuimhneamh glic agus luas chun a chríochnuighthe. Ag imirt clisteachta ar an nglas deacair do bhí sé, dar leis go bhféadfadh sé beart do dhéanamh a chuaidh des gach aonne eile, gur dhein sé cliostar de: beartaidheacht fé leith.

clíth: *b.2.* (*-ithte*) fonn cumaisce ameasc muca agus in éisceannaibh áirighthe farraige. Tá an chráin ag teacht fé chlíth tá imtheacht an domhain ar fuaid an bhaile fúithe: teastuigheann uaithe a breith chun collaigh. Nuair bhíonn cránta dubha fé chlíth ní haon iontaoibh iad, bíd ar buile: fonn comhluighe. Ná bí chómh ceanndáine a's bheadh cráin fé chlíth: rócheanndáine.

clíthim: *b.a. 7 n-a.* feisighim, cumaiscim, comhluighim lé. Is fada ó clítheadh an chráin sin, is gearr go mbéarfaidh sí: ó bhí sí i gcómhluighe an chollaigh. Tá an chráin clithte lé seachtmhain: fuair sí an collach uirthe.

clóca: *f.4.* fallaing scaoilteach éadaigh ó thímcheall na ngualann síos go glúinibh gan muilchirtidhe, drochbheart do scáthadh. Sa tseanshaoghal ní binneanna (seálanna) a bhíodh ar ár mbantracht acht clóca caidhpe: fallaingidhe fairsinge scaoilte agus clúdach don gceann ortha. "An Clóca" an leasainm thugadh an Commun Noun orm toisc clóca m'fhillidh bhig. Is mór an mustar atá fúithe, nách uirthe atá na clócaidhe: éirghe anáirde. B'fhada don mbitheamhnach ag imtheacht fé chlócaidhibh an diaill! ach tá beartha ag goid sa deireadh air: deallramh an diaill air agus an diall ghá spriogadh. Clóca níl agamsa air, ar seisean, is me do sháidh an marbh.

cloch-: (**cloich-**) *i gcómhfhocalaibh* cnapánach, mianaigh. Clochshiúicre: cearnóga beaga siúicre. Cloichshneachtadh: báisteach reóidhte 'n-a liathróididhibh beaga. Thug sé an oidhche ar chloichshneachtadh: ag cur ceathanna sneachtaidh – clocha beaga reóidhte. Clochghual: gual cruaidh. Clochshalann: salann 'n-a chapánaibh daingne, mar bheadh ón dteas cois teinidh sa chúinne. Clochmhairtéal: mairtéal cruaidh.

cloch: *b.2.* uirghe, seithir gheinte an fhireannaigh istigh san mangarla, a fheidhm síol nó sughlac d'fholach; cheithre púint déag meádhachana; carraig nó oileán; damhnadh cré nó mianaigh comhdhlúighthe ar aiste chruaidh. Tá mo chloch a's m'órd caithte agam lé mnáibh an tsaoghail anois: táim dóthanach díobh: éirighim asta: mo dhóthain clampair beartha orm tríotha. Cad é an mhaith bheith ag cainnt leis an mbodhrán san atá ar nós na cloiche: ná cloisfeadh thu ach an oiread lé cloich. Croidhe cloiche a bhí aige dhom ní thabharfadh sé oiread agus luach feóirlinge ar iasacht dom: cruadhacht na cloiche 'n-a chroidhe. Ó thuit sé i bpoll ní fheaca amharc air, chuaidh sé síos ar nós na cloiche: níor fhan sé uairín ar barra. B'fhuraist aithint gur b'shin mar dhéanfaidís, a chéile do léasadh a's do ghortughadh. Is fada an chloch sa mhuilirte aca: díomas a's drochaigne a's iad ag faire ar amus ionnsaidhthe. Dá mbeidhfeá déanta de chloich chuirfeadh sé ag gáiridhe thu nuair fhéachfá air a's plúr ó n-a cheann go dtí n-a bhróig air, a chaith a bhean leis: chómh deacair dúr fé mhotháilt lé chloich. Chuirfeadh na díleachtaidhthe bochta, ocracha maoithneachas ar na clochaibh glasa: dá mbeadh do chroidhe chómh cruaidh dochorruighthe leis an gcloich ghlais mhothófá a n-aiste. Lé mí anois táid fíontheanntuighthe thiar sa Chloich: oileán tamall maith ón dtír a's ní féidir é d'fhágaint ag an ndroch-aimsir. B'fhearr liom bheith ag caitheamh chloch i gcoinnibh na gaoithe ná bheith ag oibriughadh in oifig ar phúnt sa tseachtmhain: rud gan chiall gan toradh seadh é. Congaibh cois cloiche, tá an ceódh anthrom agus is amugha do raghaimís: in aice an oirir: na talmhan: an chósta. Cad é an méid cloch ionat? – dhá cheann! ars an fear grinn. Ní hé sin a meádhaim ach cad é an méid cloch meádhachana – ó! anois do thuigim thu, cheithre déag! Cuirtear cloch mhór leapan annso san mbogach so: cloch go mbeadh tathnag innte chun na tógbhála d'iomchar a's ná beadh ag súngcáil. Ní bhfaghfair amach an uaigh is baoghalach, mar is fada riamh gur hadhlacadh aonne innte a's níl aon chloch chinn chun a cómharthuighthe: an chloch do cuirtear ag ceann uagha. Féach na clocha gréine ag taithneamh amuigh ar Inis Tuaisceart dá fhaid ó bhaile í. Clocha scáil: saghas cloiche a bhíos tréimhdhearcach agus ganna sé-shlisneacha ionta. An bhfuil an toghadh

so ag cur mórán tinnis ort? - is é an chloch is lugha ar mo phaidrín é: rian suime ní chuirim ann. Tá mo chroidhe 'n-a chloich ó chuala gur ghoid mo mhac earraidhe as sheilbh aonne: níl gáire ná sult ná suairceas orm. Ar fóghnamh, níl lé fada, tá an chloch fhuail ag gabháil de: mionchlocha 'n-a lamhnán ag cosc déanta a chuid uisce air. Cloch dhearg it scórnaigh! (eascainghe) ars an bhean nuair bhí buile uirthe: cosc nó fás a bhéas 'od dhóghadh. Bhí na garsúin ag caitheamh mionchloch le héanlaithibh as clochthrothailibh a bhí aca (crann tabhail): urchar (cloiche) as throthal. Cloch reatha níor bhailigh riamh caonach a's ní bhaileóchaidh choidhche: an té ná luigheann lé gnóth cinnte, áirighthe ach ag imtheacht ó bhall go ball ní chruinneóchaidh go deó puinn airgid. Cloch teineadh: cloch go ngnidhtear teine léi lé n-a cruaidheacht. B'ait leis an leanbh an rud i bhfeirm crúidh a thugas do nuair theasbáineas do mar thógfadh sé biorán den mbórd, d'innseas do gur chloch thairngthe é: cloch go raibh mianach miotail innte. D'fhéadfá oiread cainnte do bhaint as a's bhainfeá as chloch teampaill: cloch uagha: duine cluthair seadh é: níl sé béalscaoilteach. Pé áit gur chuir an seanóir ait a chuid airgid fé chloich ní féidir a nochtadh: i bhfolach: fé cheilt. Cuirfear cloch mhuilinn féd mhuineál: an chloch mhór throm a mheileas an bhleathach do tugtar chun a meilte. Cuir cloch ghabhála níos taithigighe ná san fén gcródh go mbeidh breis cao árduighthe againn: an chloch do chuirfí mar bhuthal nó mar thaca. Cuireadh cloch an tighe nuaidh indé: an chloch fhotha: an chéad chloch i dtógbháil. Téigheann cloch fhaobhair lé speil etc.: cloch chun bainte uaithe, chun an bhéil do thanughadh: cloch gormadhta, cloch líomhtha: cloch chun ruda do ghéarughadh: chun faobhair do chur ar sceanaibh etc.: cloch mheilte. Leagadh an tigh síos go cloich: síos go dtín áit go raibh an fotha leagtha. Seachain tú féin ar an gcéachda, tá an áit sin lán de chlochaibh talmhan: clocha móra doscartha leis an nguidhean. Téighimís i gcloich annso: téighimís i dtalamh. Seadh, tá an chloch mhullaigh air, más mithid: an bhágh-chloch aoirde ar an bhfalla. "Clocha ceangailte a's madraidhe scaoilte" ars an duine deóranta ar bhaile nuair ná féadfadh sé iad do bhaint ag sioc agus na madraidhe ghá thóraidheacht a's ghá ghreamughadh: duine nuair bhíonn sé i ngreim a's nách féidir leis corruighe a's go mbítear ag gabháil de. "An fear fial é sin? an dtabharfadh sé rud duit?" – "thabharfadh an chloch!": faic in ao'chor ach tú do ghortughadh.

clochach: *a.* do chlochaibh: seódchurtha. Áit chlochach, aimhréidh seadh an cladach so: iliomad cloch ann a's gur deacair a shiubhal. Cuacha clochacha do bhíodh ar bhórd na seanthaoiseach: cóirne go mbíodh maise na seód ortha.

clochadh: *f.* (*-chta*) do chur cloch ar, nó do dhéanamh casán cloch. Beidh fear ag clochadh an bhóthair seo sara fada, agus teastuigheann san uaidh mar is iomdha ciseach agus poll ann: ag cur cloch brúighte air nó gnáiste ("stuif" bóthair). Táthar ag clochadh taobh leis an dtigh: ag déanamh páile ann nó casáin.

clochaigeanta: *a.* d'aigne dhian dóighéillte. Sid é an carbhall clochaigeanta do chaith sé liom a's mé ag déanamh maoithneachais leis na boicht – gur cheart iad do chur chun báis a's gan iad bheith ag cur ualach déirce orainn: dochroidheach, neamhfhial. Ní thabharfadh sé feóirling ruadh don mbailiughadh ar son muirear na ndaoine do bádhadh, tá sé chómh clochaigeanta san: chómh sprionnlaithe 'n-a chroidhe: neamhchorruightheach. D'éist lém ghearán agus ní go clochaigeanta é. Aon rud is féidir

liom do dhéanamh duit, id chruadhtan, déanfad é, ar seisean: dochroidheach: neamhthruaighmhéileach. Nár chlochaigeanta an marbhthóir é go ndeaghaidh sé 'on tsiollán ag maoidheamh as ar mhairbh sé agus gur bheag leis é: marbhthóir ná raibh truagh, taise ná ithiomchroidhe ann.

clochaim: *b.a.* cuirim clocha air (ann), páilim. Ní raibh ach draoib a's salachar cois an tighe ón mbóthar go doras go dtí gur chlochamair é: gur chuireamair casán cloch ann. Clochtar an bóthar san go maith nó beidh uisce ag fúscadh tríd: cuirtear oiread cloch ann a's thiormóchaidh é. Sin tarbh atá clochta go maith!: go bhfuil dhá uirghe thaithigeacha aige. Níl an bóthar clochta fós: níl clocha (a dhóthain) curtha air. Chlochadar é gan staonadh gur mharbhuigheadar é: bhíodar ag caitheamh cloch air a's ghá ghonadh leó gur scar an t-anam leis.

clochaire: *f.4.* fear ullmhuighthe cloch (tógbhála), saor chloiche. Gach clochaire aca a bhí ag gabháil don sáipéal gheibhidís púnt ist ló: gach fear go mbíodh gearrthóir a's casúr aige ag cumadh 'sag ullmhughadh cloch go mbeidís oireamhnach, slachtmhar lé cur.

clochaireacht: *b.3.* do bhaint cloch as choiréal. Táim féin a's mo bheirt mhac lé seachtmhain ag clochaireacht don mbóthar nuadh: ag baint 'sag tarang(t) chloch lé cur air.

clochán: *f.1.* fothrach, rian seandhúna: cnocán cloch: clais cloch a's déanamh cruinn uirthe: áit adhlactha: baile fearainn go mbeadh an eaglais (teampall) ann: carn. I mullach an chlasaigh tá clochán gur béas ag daoinibh trí clocha do chaitheamh air chun a bhuanuighthe a's i gcuimhniughadh míosa ar fhear a marbhuigheadh d'iarraidh a bhó d'fhuascailt aimsir na gcreach a's atá curtha ann: clais mhór chloch. Bhuail an t-árthach chughainn aniar, a dhaoine, an clochán! an toirt 'san aoirde ar fad: an rud a bhí taidhbhseach trom, árd. Cad air go dtugair tigh? cá bhfuil an tslacht ná an déanamh? níl ann ach clochán: crot mór aindeis gan chuma ach mar bheadh ar charn cloch gur b'amhlaidh do caithtear ar gan cóiriughadh. Gluaisteán gan mhaith seadh í, níl innte ach clochán gan siubhal: árd ón dtalamh, neamhdhéanta, neamhchórach. Clochán Cinn Cait, baile fearainn i bparóiste Fhionn Trágha, mar a bhfuil mórán leachtán a's múchain fé thalamh. Tá sé ainmnighthe i gCath Finn Trágha. Dhein Railí ag filleadh dho ó Chath Dhún an Óir Caisleán Rátha Fhíonáin do leagadh; níl ann ach clochán fuar follamh indiu: na clocha móra a's an mhairtéal a bhí ann caithte i ngabhal a chéile go h-achrannach. Clochán báid seadh í: bád mór aindeis gan líomhthacht déanta.

clochar: *f.1.* Baile i bparóiste an Fhirtéaraigh, Clochar a tugtar air, is ann do rugadh me: bonn clochach? Bhíodh móin dubhchlochair áitrighthe lé n-a feabhas: an mhóin a bhíodh ar Shliabh an Fhiolair: bonn dubh?

clocharnach: *f.1.* seadán nó seórdán sa scórnaigh: análadh mío-threórach mar bheadh ag duine go mbeadh múchadh air: tarang anáile go duaibhseamhail, glórach. Connus mhaireann sé leis an gclocharnaigh seo air? an tachtadh glórach anáile. M'eagla gur ghlacas fuacht an lá fliuch úd, tá clocharnach agam: feadghail anáile.

clochórdha: *a.* do chlochaibh nó do sheódaibh déanta d'ór. Fuairtheas bean bháidhte annso tréis shúngcála an Liúsaiteinia go raibh a méireanna clochórdha: fáinnidhe uirthe agus clócha seódh is néamhann ionta.

clochrán: *f.1.* tochar, staighridhe cloch treasna abhann: díthreabhach, duine bheadh mar bhráighe. Thugas go deimhin duit ráithe im chlochrán gan radharc na spéire lé slaghdán a chuaidh ceangailte im chriathlaigh: fé iadhadh an tighe: nó ar mo leabaidh. Scuab an tuile an staighre a bhí ag dul treasna na habhann i mBaile an Ghleanna so againne agus b'éigean dóibh clochrán do dhéanamh ann sar ar bh'fhéidir leó aon chonbharsáid do bheith aca lé chéile: tóchar. Buachaill annso 'n-a chómhnaidhe 'n-a uath a's 'n-a aonar i mbun an chnuic gan neach ar an mbaile ach é, seanchaidhe maith seadh an clochrán: aonaránach.

clódh: *f.1.* (**cló**) (*iol.* clóidhte, clódhanna) cuma, deallramh, múnla, gné, saghas: gabháil: dreachadán, foirb, cómhartha dingce. An oiread san amhrais aige as féin gur dóigh leis ná fuil fear a chlóidh lé feabhas sa tsaoghal: a chómhmhaith d'fhear: fear go mbeadh cuma nó deallramh chómh maith air: a chómh. B'olc an clódh do rug sé thar lear leis - mílítheach, tairngthe, súighte: an deallramh, an chuma, an dreach. Cad é an clódh duine an té seo go bhfuilir ag aithris dom – an bhfuil sé árd nó iseal, óg nó aosta, caol nó téagartha? an saghas, an déanamh duine. Chuirfeadh an clódh a bhí air tréis na hoidhche ar guardal maoithneachas ort, bhí sé chómh truaillighthe sin: an chuma thug bheith amuigh air bhainfeadh truagh ionat do. Clódh na snáthaide atá ar bhiorán ach gur giorra a's gur maoile: déanamh: múnla: formán: deabhadán. A chlódh aigne ní thaithnigheann liom, is beag motháilt do bhíonn aige d'aonne: an saghas aigne: na tréithe aigne. Cuir an peann briste sin i gclódh go scríobhadh leis: cuir i bhfearas é. Cuirfidh an gabha an ránn i gclódh: cuirfidh sé feac léi oireamhnach chun oibre. Sara raibh an long chogaidh i gclódh d'éistigh sí na milliúin: sara raibh sí críochnuighthe oireamhnach chun farraige bhí an méid úd caillte léi. Ní holc é Tomás chun ughamach asail do chur i gclódh: an dá cléibh d'fheistiughadh lé chéile, oireamhnach chun oibre. A lithéid de chlódh (éadaigh) agus bhí air ní fheaca im shúilibh cinn riamh – cóta mar bheadh ar mhnaoi, go glúinibh, brat thar a ghuailnibh: gabháil éadaigh. Mac do Sheán Dómhnaill seadh thu, d'aithneóchainn an clódh beirbhthe i bpraisigh!: an chuma, an ghné, an dreach ó dheallramh t'athar. Ar a shon ná raibh ann ach a chlódh d'aithnigheas gur uan é ar na crúbaibh beaga: a dhealbh díreach. D'fhonn a's ná tógfí aon cheann de a's go ndéanfadh a ghnóth ar lorg eólais na cora chuaidh sé i gclódh sclábhaidhe ameasc na bhfear, mar ar deineadh an choir: chuir sé cuma an sclábhaidhe air féin. Th'anam 'on diall cad tháinig ort? níl ionat ach an clódh: an séithleach, na cheithre cnámha, an chruit gan feóil ná tathnag. Tá sé ar fainnéirghe, beidh sé 'n-a chlódh féin airís sara fada: beidh sé tagtha chuige féin. Sé clódh do mháthar atá ort, na súile gorma céadna a's an gheannc shrón: cuma, déanamh do mháthar. Chuir an chainnt bhorb lasadh 'n-a chlódh chun bruighne: in-a fhéachaint a's 'n-a shnódh. Ní chuirfinn a mhalairt fé thuairm fir dá chlódh ach gur fear galánta é: fear dá imtheacht. Cuir clódh oibre ort féin a's ná bí chómh liobarnach san go bhfuil an peann ag tuiteam as do ghlaic: tagadh fonn ort a's cuir i bhfeidhm é. Cuireadh leabhar liom i gclódh tráth agus sochtadh airís é: buaileadh é i bhfeirm foirbeacha leitreach go dtugtar leabhartha agus páipéir don gcoitchiantacht. "Tá an bás ag Tomás" – "tá a chlódh san air": díreach mar bheadh an t-anam scartha leis an gcolainn aige. Ní phósfainn ach mó chlódh féin de

mhnaoi: cóimhleacaidhe, bean go mbeadh na rudaidhe céadna i suim aice: budh dhóigh liom a réidhteóchadh lém meón a's lém shlighthibh agus mise léithe-se. Seadh, tá an seanchlabhar tuitighthe as a chéile sa deireadh, a's ní haon náire dhó san, is fada ó cuireadh i gclódh: ó cuireadh lé chéile é. Tá clódh maith oraibh i gcóir bhur saoghail a's go n-éirighidh libh: na rudaidhe d'oirfeadh díbh táid agaibh a's ní taise dhíbh féin é i gcuma.

clódhachaiseach: *a.* deiliúsach, dána, bruadaireach, teann, buannamhail, stadurradhasach, ughdarásach, foraibidh, preabamhail (dá thoirt neart a's aos): tighearnamhail: tugtha, pras ar rud do ghabháil chun a dhéanta a's gan cumas ná neart ná eólas oireamhnach 'n-a tacaidheacht. Budh chlódhachaiseach an gnóth dho tabhairt fé shlinn do chur ar thigh a's nár chaith sé lá leis an gcéird: ag gabháil ughdaráis air féin. Budh chlódhachaiseach an aithid gharsúna é (gan oiread mo dhuirn ann) a's dul chun cocaidheachta lé fear groidhe: dána ('n-a fhear roim aois, dar leis). Agus nár chlódhachaisighe é uaidh tabhairt fé dhul treasna 'on Oileán 'n-a aonar i mbád! preabamhail: dar leis go bhféadfadh sé do dhéanamh chómh maith leis an bhfear dob fhearr lé fagháil. Budh chlódhachaiseach an rud do labhairt as cheartlár an phobail leis an sagart ar an altóir: deiliúsach, míbhéasamhail, gan machtnamh ar, nó gur chuma leis míonáirighe an scéil. Leig don lóchrann san, táir róghearra, mara an chlódhachaiseach agam thu ag cur chun a lasta: mara an dóigh leat go bhféadfá rud do dhéanamh a raghadh de dhuine is mó 'ná thu? "Cad dhéanfair don gceanntar má éirigheann leat dul 'on Dáil", ars an garsún leis an órádaidhe, go clódhachaiseach: mar déarfadh teallaire, ar an gcuma go mbeadh súil agat lé n-a lithéid de cheist ó ghuthaidhe gustalach. Caithfir cur chun do chuid foghlumtha níos clódhachaisighe ná bheith ag tabhairt faillighe innte má tá fonn ort éirghe leat: breis de chlódh na hoibre bheith ort.

clódhachas: *f.1.* deiliúsacht, ughdarásacht, do chur fé rud do dhéanamh gan chuireadh gan iarraidh, dánaidheacht, neamhnáireach, míomhúinte: misneamhail, preabamhail. Nár bh'é an clódhachas do a rádh leis an sagart go bhfreagróchadh sé féin an tAifreann, rud ná deárna sé riamh roimhe sin: dánaidheacht gan náire: cur roimis rud do dhéanamh nár bhain lé n-a chúram a's nár iarradh a chabhair chuige. Lé corp clódhachais chuir sé roimis bheith 'n-a Theachta Dála a's gur chóir dho bheith feasach ná faghadh sé cóngamh a dhóthain: danaidheacht a's iomad dóchais gan deallramh as féin. Dá mbeinn-se ag cainnt le Sasana bhainfinn sásamh di – "dhéanfá san! cá ngeobhadh an clódhachas?": an mhuinghin 'san dóchas go léir atá agat asat féin. Bíonn a lámh nó a theanga i ngach rud a bhíos ar siubhal lé clódhachas a's gan mhaith ar aon rud ann: lé meas as a ghníomh féin. Ní raibh clódhachas lasmuigh dhe, chuaidh sé isteach 'on bhannc lá agus loirg dathad púnt gan urradh!: muinghin aige as féin gur cheart do é d'fhagháil nó nár cheart go n-eiteófí duine dá lithéid féin. Chuir sé chun an chluig do dheisiughadh a's dhein sé lat leidhbe dhe; sin é an clódhachas aige: an tuairm láidir as féin ná raghadh aon rud amugha air ná 'n-a choinnibh. D'fhear bheag is diaill an mianach atá ann a's na rudaidhe go léir do chuireann sé roimis; tá sé lán de chlódhachas: de mhisneach a's de mhuinghin.

clódhaim: *b.a.* cuirim foirb áirighthe ar shéala nó ar adhbhar cruaidh mar bonn airgid, iarann nó a lithéididhe, cruthuighim, cúmaim. Cár clódhadh an leabhar so, is greanta do gearradh na leitreacha: cár deineadh na foirbidhe atá ann. Leig do féinig, ní haon mhaith

do bheith leis (ag tabhairt cómhairle dho), fág fé an té a chlóidh é: Dia. Cá gclódhtar na tairngidhe cruite seo anois? cá gcúmtar (ndéintear) iad? Clódhtar ainmhidhthe, éanlaithe a's éisceanna mar chómharthaidhe fé leith ar bhonn na hÉireann: buailtear: rianuightear: cúmtar: dealbhuighthear. Cé chlóidh an peictiúir sin? cé thairng nó a dhathuigh é? Clóidh tú féin i gceart, tá cuma an-neamh-ghasta ar do chuid éadaigh: tabhair an deallramh ceart ort féin.

clódhbhuailim: *b.a.* cuirim foirb, dealbh, nó íomháigh air. Clodhbhuailfear an leabhar in Áth Cliath: cuirfear amach ar an aiste choitcheann .i. na leitreacha do bhí cúmtha gearradh ar shlighe áirighthe is aithneadamhail go fóirleathanadamhail. Toisc go ndeachaidh na clódhadóiridhe ar stailc ní chlódhbhuailfidís oiread agus focal: ní oibreóchaidís na hinnill a chuirfeadh foirbidhe leitreach ar scríobhnóireacht pinn.

clódhbhuailte: *a.r.* curtha amach ós na hinneallaibh clódhaidh. Ní túisce do bhí an leabhar clódhbhuailte ná sochtadh é: curtha os chómhair na poiblidheachta ná coisceadh a dhíol.

clódhbhualadh: *f.* (*-ilte*) do chur i gclódh. Beifear ag clódhbhualadh na scríbhinne seo lá éigin: ghá chur so ós chómhair na ndaoine i leabhar.

clódóir: (**clódhadóir**) *f.3.* duine a dhathuigheas éadach, olann etc., duine a bhuaileas clódh (leabhair, páipéir etc.): cruthuightheóir. Lá dá raibh sagart ag cionntughadh Eoghain Ruaidh (Uí Shúileabháin) ón altóir mar gheall ar rud éigin a bhí déanta as an slighe ag an bhfile d'fhiafruigh sé, "an bhfuil Eóghan Ruadh Ó Súileabháin ann?" agus fuair an freagra so go pras – tá agus nár feicir-se an clódhadóir a dhathuigh é!: Dia – an té a thug an dath ruadh air 'sa chruthuigh é. D'imthigh na clódhadóiridhe tuaithe go léir, ruaig na muillte iad: an dream a chuir dath ar éadach etc. Obair chlódhadóra, an-mhall do bhíodh sí ag cur na leitreach (gearrtha as mianach éigin) leis an láimh, go dtáinig innill chun a ngearrtha a's a gcur.

clog: *f.1.* cuid den gcneas borrtha lé teas a's uisce istigh ann: scannán uisce lán d'aer: árus follamh miotail chun fuama do dhéanamh nuair buailfí é. Inneall go mbíonn cóimhcheangal roth ann agus lé trománaibh nó tuilmidhibh do théigheann ar siubhal, dá bhrigh go dtómhaiseann an t-am den ló, agus a theasbáineas ar aghaidh-scláta lé bioránaibh é agus uaireannta le buillidhibh. Beidh an corp dhá thógaint amach gan mhoill, tá clog na marbh dhá bhualadh: an chreidhil a buailtear. Chuir na maididhe rámha cluig ar mo lámhaibh 'e cheal taithighe: d'éirigh an cneas ortha agus uisce fé. Do bhí clog san gcoill a's budh bhinn an clog é, ach tháinig clog eile a dhein clog binn den gclog san: ceann budh mheasa ná é. Deirtear so dá mbeadh duine ar digh uair agus gur mheasa bheadh sé an chéad uair eile. Clog an fhir bhoicht an coileach! nuair ghlaodhann an coileach san oidhche bíonn tuairm aige den dtráth. Cad 'e chlog é?: cad é an tráth den ló nó den oidhche atá ann? a trí. Ó bheith ag tumadh mo lámh do shíor san bhfarraige tháinig cluig shaile orm: cluig mhóra go dtagann othar buidhe asta. Bíonn an clog ag faire orm: caithim bheith in am chun oibre etc.

clogad: *f.1. 7 3.* cathbharr, cinnbheirt, bairrdíon. Go tóirtéiseach ataoi féin fé do chaipín clogaid: mórdhacht, éirghe anáirde.

clogadh: *f.* (*-gtha*) do chur clog ar, do chiapadh, do chur chun dochair. Fuaireas clogadh ceart gan aon chabhair agam d'iarraidh na nadhbhóige do shádhadh i gcoinnibh na gaoithe: duadh aidhbhéil. Ní clogadh go dtí lán tighe de chlainn do chothughadh ar fhagháltas bheag: duadh mór agus crádh agus síor-obair. B'fhearr leat me do chlogadh agus leitir an airgid do cheilt orm ná a síneadh chugham chómh luath agus loirgeas í: b'fhearr leat imshníomh agus suathadh aigne d'fheicsint orm. Dá mbeadh buachaill go fuadrach ar éileamh chailín áirighthe a's go gcuireann suathadh ar an inchinn aige deirtear, "is mór an clogadh (ban) atá air".

clogaim: *b.a. 7 n-a.* bodhraim lé gleódh, éirigheann cluig (bolgáin ar mo chneas). Chlogas ó mhuineál go cromán lé teas an lae: tháinig bolgáin uisce orm. Chlog sé me a bheith ag éisteacht lé n-a ghliog ghleag i dtaobh Chogaidh seo an Chnuaisciúin: bhodhair sé mo chluasa a's thuirsigh sé mo chroidhe. Do chlog an lá me ag rith annso agus ag rith annsúd d'iarraidh teacht ar fiche cúram in aonfheacht: do chlip a's do chiap an lá me lé grithileán agus imshníomh. Clogann mo bhean me d'iarraidh hataidhe nuadha d'fhagháil; ní túisce ceann aice ná í ag tnúth le ceann eile: crádhann sí mé lé n-a liostacht. Cloigfidh an turus fada so go Sasana do phóca: cosnóchaidh sé cuid mhaith airgid ort. Go gclogaidh an diall thu ná leigfeadh dom. Cá bhfuil do chúis tarcuisne orm-sa: go gcuiridh sé tinneas ort. Cloigfidh an fheirm sin fós é, bain an chluas díomsa leis: fágfaidh sé cimiar air: raghaidh sé chun dochair dá druim.

clogarán: *f.1.* ceólán, duine glórach, glaigíneach. Éist, a chlogaráin, ó ná fuil ciall léd ghlór: a dhuine gan éifeacht. Ní h-aon chlogarán adubhairt go n-éireóchadh Éire fós, féach gur éirigh: duine gan éifeacht tuisgeana: ceal réamhradharc.

clogarnach: *b.2.* glorghail chruaidh, bualadh clog, glór bodharthach. Fadó budh bhéas cluig baile mhóir do bhualadh lé linn conntabhairte d'fhonn a's go músclóchadh an chlogarnach na daoine a's go mbaileóchadh chun a chéile iad. Oidhche Cinn Bhliadhna bíonn cluig na cathrach dhá bhualadh ag fáiltiughadh na haithbhliadhna a's ag cur slán leis an seanbhliadhain, a's is mór an chlogarnach í: geóin an bhuailte. B'ait liom an chlogarnach do chuala sa ghleann i mí mhairbh na hoidhche, ach cad gheobhainn ann ach capall go raibh slabhradh iarainn fé, a bhí ag cnagadh ar na clochaibh: glór cruaidh mar thagann as mhiotal.

cloichín: *b.4.* cloch an-bheag, uirghe bheag, púirín. Chonnac na leanbhaidhe ag imirt cluiche éigin le cloichínidhibh: mionchlocha déanta cruinn go liathfraidís. Níl ag an leainbhín fós ach cloichínidhe: uirgheanna beaga, éadtroma. "Cuir an chloichín seo id bhéal" ars an sagart le Piaras Firtéar, "agus ní féidir tu do chrochadh choidhche". Dréir ráta (béaloidis) sin mar bhí agus faid chongaibh sé 'n-a bhéal í ní chumhangóchadh an siollán air, go ndubhairt ghá caitheamh as a bhéal ná tabharfí "fuighleach na croiche" air féin choidhche.

clóidhdheas: *a.* do dhéanamh ghleóidhte, chaithiseach. Cad budh mhéine liom ná cailín clóidhdheas lém thaoibh ar chóisir go mbeadh gach óigfhear ag tnúth lé n-a gáire: cailín áluinn. Éan clóidhdheas seadh an colúr: déanamh líomhtha air.

cloigeann: *f.1.* an ceann, plaosc an chinn: éirghe cruaidh talmhan: ceann tíre, aonne amháin in áireamh daoine. Ní fheaca cloigeann 'n-a shiopa ach me féin; is air is láidre me ná fuil sé róghreithileánach ag díoltóireacht: neach eile. Cómhairigh gach cloigeann sa tigh: gach duine. Cuir na ba 'on chloigeann: talamh cruaidh in aice talmhan bhuig. Léan id chloigeann bog is ann ná fuil an mheabhair: ceann (tagairt droichmheastamhail) gan inchinn. Ar an dtaobh eile den gcloigeann san atá an cuan: ceann tíre. Nách air atá an cloigeann: an ceann mór, láidir.

cloigis: *b.2.* scata: cóip. Ceannuigheadh cloigis mhór mhuc i nDaingean Uí Chúise indiu agus luach maith ortha: mórchuid. Bhailigh cloigis na sráide as gach cúlbháidh agus cúlchasán orm chun me do throid: cóip na sráide: daoscar shluagh, graimirisc.

cloigneachán: *f.1.* ceann cipín, ceann ramhar, daoi, bastún. Dá mbeinn d'iarraidh a fhoillsiughadh choidhche gur chruinn a bhí an domhan a's nách réidh, slinn, ní thuigfeadh an cloigneachán é: duine ná raibh a inchinn i ndán a thuigseana lé daille. "Cad is pósadh ann?" ars an sagart le buachaill mór a bhí i mbuidhin an Teagaisc Críosdaidhe – "fear agus bean do cheangal le córda/ iad do chaitheamh síos ar thóin seanchófra/ a's srathar na haindeise d'fhágaint go deó ortha". "Cloigneachán!" do scread an tAthair Seán a's amach an doras leis: amadán "cróidhearg". Nár me an cloigneachán nár chuir a sheóladh féin ar gach clúdach sar ar chuireas na leitreacha ionta, anois ní fhéadar, ó táid dúnta, cé chuige iad ceann ar cheann.

cloisim: *b.a. 7 n-a.* brathaim lé feidhm na cluaise, aithnighim tréithe: éistim lé. Cloisim a lán gan focal do rádh: éistighim leó. Cloisim fuaim an cheóil: tá ceól ar siubhal agus is eól dom san mar sroicheann an fhuaim me tríom chluasaibh. "Beir déidheanach 'on dtraen mara luathuighir, an gcloisir me?" an bhfuilir ag tabhairt aire dom ghlór? "Níor bh'aon eadh (nath) agam siubhal 'on Daingean (dhá mhíle dhéag ó bhaile) i ndá uair an chluig" – "an gcloistí é?" fastaoim! "Chuala gur bhuail Seán Óg a bhean" – "nár chloisir an chuach" (seirbhthean). "Ná feic a bhfeicir a's ná clois a gcloisir": ná tabhair cluas d'fhurmhór a théidheas id chluais: ná bí luath chun talamh slán do dhéanamh des gach aonnidh a bhíos ar siubhal. An gcloistear aon scéala ó Shéamas úd a imthigh 'on Astráil na bliadhanta buana ó shoin, nó an maireann sé? Cloistear; scríobhann sé abhaile fothuair. "Clois me, agus annsan labhair, ach fan go dtí san": éist liomsa ar an méid atá lé rádh agam. "An gcloisir go mbeidh Toghadh Coitcheann ar siubhal go geairrid?" – "ní chloisim faic": is cuma liom agus is rómhór is cuma dhom: nílim i bhfonn aon eólas do thabhairt duitse 'n-a thaobh. Dá mbeidhtheá ag cainnt go dtuitfeadh an búndún asat ní chloisfeadh sí sin thu, tá sí chómh bodhar lé cloich: níl an clos aice.

clóistín: *f.4.* cluaiséad beag, cúláis: seómra beag fé leith, áit bheag cúláisteach i gcóir éadaighe nó áruistidhe tighe etc. Cuireadh mo chuid éadaigh ar crochadh i gclóistín as mo sheómra codlata: seómraín i leathtaoibh. B'áiseamhail an rud clóistín do thógaint amach ón ndoras toir, mar ar bh'fhéidir corcáin a's áruistidhe do chongbháil as an slighe: blúire

bheag de sheómra. “Cad é poll nó clóistín go gconbhuighir tu féin an aimsir seo ná faghann aonne amharc ort?”: cad é an áit iargcúlta? cad é an folach atá agat ort féin? Cuireadh clóistín sa tigh nuadh go suidhfeadh daoine leó féin ann: áit chun fuail etc.: camar.

cloistin(t): *b.2.* do chlos, d’éisteacht. Budh dheacair é do chloistint mar ní raibh uchtach láidir aige, agus bhí sé rófhada uaim: níor bh’fhéidir a bhréithre do thuigsint le doiléire glóir. Ar chloistint dhom go raibh mo dhreatháir ar thuilleamh báis d’imthigheas láithreach ar a thuairisc: ar scéala d’fhagháil.

clonscairt: *b.2.* teangbháil ghlórach. An chlonscairt do bhaineann ár gcailín aimsire as áruistidhibh sa chistinn budh dhóigh leat go mbeadh gach rud ’n-a mhionramh aice fén oidhche: an fhuaim do dhéinid ar bhualadh ar a chéile dhóibh. Bíonn clonscairt ag sluaistíbh ag taoscadh ghrin: glór díoscach: pléascadh agus fuaim chruaidh.

clórda: *f.4.* siolpa slinn curtha treasna. Chuireas sé chlórdaidhe san leabharagán chun mo chuid leabhar d’iomchar. Choimeád sé a ghreim ar chlórda carraige: ar shliast carraige.

clos: *f.* (*-iste*) d’éisteacht, do ghabháil i gcluais: éisteacht: trácht: clú. Dubhairt sé im chlos, agus níl aon dearmhad orm ’n-a thaobh, gur chuimhin leis bheith ag clos Dhómhnaill Uí Chonaill ag óráidideacht: im éisteacht (mise ag éisteacht leis) eisean féin do bheith láithreach agus Dómhnall ag cainnt. Labhair níos aoirde, níl an clos go maith agam: níl gabháil mhaith fuaimeann ag mo chluais. “An mbeidh lucht an bhuird (na talmhaidheachta) annso an tseachtmhain seo chughainn ag stráiceáil na talmhan ar an mbaile, mar is clos dom?” - “ní clos dom é, sin é an chéad chlos agam air”: níor airigheas é: an chéad trácht agam air. Go gclos domsa níl aon trácht ar aistriughadh go Midhe aca: dréir na cainnte i dtaobh aistrighthe níor chuala focal ’n-a thaobh. Budh chlos sa tseanaimsir go mbíodh piast lé feicsint i Loch an tSléibhe gach seacht mbliadhan, is dócha ná raibh ann ach radamdádaidheacht!: deirtí é ameasc daoine. An rud atá ráidhte agat-sa liom ’n-a thaobh ní déarfá ’n-a chlos súd é: ós a chómhair. Ní bhíonn aon chlos anois, fé mar bhíodh, ar an bpoblacht: ní bítear ag trácht an oiread ná chómh minic uirthe. Nuair eiteall Lindbearg treasna na mara móire ón Oileán Úr chuaidh a chlos ar fuaid an domhain: a chlú a’s a ghaisce. Táthar ag clos na cúise anois: ag éisteacht a pléidhe: tá an chúis ar siubhal os chómhair lucht na dlighe.

clós: *f.1.* atrainn, clamhsa, dlúthán, blúire beag fálta talmhan, de ghnáth in aice (nó tímcheall) tighe: gabhann d’aon toisc, nó d’aon ghnóth a theastóchadh. Chuireadh sé fearg ar an sagart an méid daoine d’fhan amuigh i gclós an tsáipéil gan teacht isteach ag éisteacht an Aifrinn: ar an bhfaithche lasmuigh dhe. Tighthe beaga, cumhanga atá síos san tsráid mhóir agus is measa ’ná san iad, mar ná fuil ag dul leó ach clósa beaga, cumhanga, nách mór go bhféadfá casadh ionta: réadh beag agus falla ’n-a thímcheall. Cuireadh na capaill i gcóir na hoidhche i gclós fálta go maith ar eagla a bhfánaidheacht: tuar láidir.

clos-trácht: *b.3.* scéal scéil, scéal ó bhéal go béal: ráflaidheacht, scéal reatha, dubhairt bean liom go ndubhairt bean léi, leathadh ráfla. Mara bhfuil aon deimhniughadh agat ná

glacfar leat, ach cogarmogar na ndaoine, ní chreidfinn é, mar ná fuil ann ach clostrácht: ráfláil: scéal gan dearbhthacht ag imtheacht ó bhéal béal. Clostrácht dom agus tugaim géilleadh dho go mbeidh luach maith ar chapaillibh ambliadhna toisc suaidhteacht na dtíortha lasmuigh: cainnt a shroich mo chluas a's atá coitceann. Ní fios d'aonne connus d'éirigh a bhás do, ach aonne amháin, is clostrácht, do chonnaic é, dá n-osclóchadh sé a bhéal: go bhfuil sé ráidhte ach gan deimhin do bheith air. Dá mbeadh aon tsaghas deimhnighthe agam ach clostrácht go dtiocfá ó Lonndain go B'l'Áth Cliath an aimsir sin do raghainn chun buailte leat: ní raibh ach gur chuala é. Céad rud go mbíonn clostrácht air a's ná bíonn fíor: iomad scéalta i dtaobh so súd a's gur b'shin a mbíonn ann. Is fada clostrácht agam ar Chaiseal Mumhan ach is tú an chéad duine riamh a bhuail liom as: cur síos, ainmiughadh.

cluain: *b.3.* plámás, léithéis: gleacaidheacht mheallta, gaiste, fealladh, mealltóireacht. Le cluain do cuireadh an gluaisteán orm, b'fheasach don ndíoltóir í do bheith lochtach, dá mhéid moladh a bhí aige uirthe, a's dá shaoire bhí sí agam, a ndubhairt sé: le gníomh do beartuigheadh chun me do mhealladh, dallamalóg do bhualadh orm. Cad í an chluain do himreadh ort gur cuireadh annso thu in áit ná fuil faic duit, in ionad tú do chur abhaile mar a bhfuil gnóth agat: mealladh: cad é an tafant cainnte adubhradh leat chun tu do chur amugha? Níl an earra agam atá uait (ach do bhí)", ar seisean, "ach tá earra eile chómh maith léi (ach ní raibh) nó b'fhéidir níos fearr ar an luach céadna, mholfainn duit í d'árdach leat", nár bh'shin cluain?: ag dúmas as neamhbithe ruda a bhí ar bith: léithéis: ag ionadughadh na bréige don bhfírinne. Ní fuláir nó is lé cluain do mheall an bhean ghránda bhuidhe sin fear breágh mar é: cleasaidheacht, gníomh éigin a chuir an dubh 'n-a gheal air. "Cuir uaim cluain agus freagair me, an tú thóg mo sparán ón gconntabhairt?": ná bí ag leigeant ort nách mar bhí do bhí: amach leis an bhfírinne! Dá mbeadh an ceann orm budh cheart dom a gcluain d'aithneamhaint ar ghlaodhach orm n-a gcuideachtain, daoine ná feara riamh roime sin me – ní me a bhí uatha ach mo chuid airgid: beart gurbh é a n-inntin ó thúis mo dhíobháil do dhéanamh. Is minic do cuireadh cluain orm lá na n-amadán, a gharsúna – "A Thómáis", a deirtí, "tá do bhó ar lár sa bhféith". Théigheadh Tomás baoth ar eagla na heagla, ach ní bhíodh an bhó ann! "A Thomáis, tá do bhean ag glaodhach ort": théigheadh Tomás ach ní bhíodh sí!: cleas magaidh. "An bhfuil a fhios agat cé tá ag fagháil bháis – Séamas Mór?" – "ó, 'on diall a gcreidim de! is minic chuala san cheana ach bhuaileadh sé cluain air i gcómhnaidhe a's thagadh chuige féin": d'imir sé cleas air. Ach dá mbeidhtheá-sa i gcluain an bháis ní théarnófá!: i ngreim. Fear mór ban dob eadh é, is iomdha cluain a bhí ar eólas aige chúcha: mórchuid cleas chun a dtarangt air. Go bhfóiridh Dia ar an alfraits má thagann sé 'n-ár gcluain, sé a geobhaidh an cumabhrughadh!: má thagann in ár líon: in ár ngaiste: má gheibhimíd greim chun ár lámh air. Lucht cluana, a chaith an chuid budh mhó dá gcuid airgid dó-san: iad go milis, sleamhain leis ghá spreagadh lé n-a gcómhrádh neamhdhílis chun caithimh: ghá bhréagadh lé moladh: ghá sásamh le fómós suarach, táir. Truailligheann an saghas so cluaine an té a dhéineas í, maidir leis an té go ndéintear air í, agus ní lughaide a fhóghanfadh sí ar dhaoinibh ná ar righthibh (An Búrcach).

cluain: *b.2.* (*cluannacha*) móinfhéar: féaránach. Na cluanacha (cluanta) dubha: ainm gort ar an mbaile seo go bhfuil cuma dhubh ortha in achar. "Na Cluainte", baile i bParóiste an Fhirtéaraigh, baile réidh, socair go mórán gort. Cluain Tairbh, Cluain Sceach (in aice Áth

Cliath): talmhaintidhe go mbíonn ingheal nó féaránach maith ortha agus gur bh'shin áis is mó do baintear asta.

cluaisín: *b.4.* stracadh beag gonta ar an gcluais: an greim a bhíos ar árus má bhíonn sé beag. Thug an máighistir cluaisín indiu dom, a mham, toisc me bheith déidheanach ag teacht ar scoil: stathadh cluaise: rug sé uirthe agus thairng sé í. Mara stadfair gheóbhair cluaisín uaim: stracfad go dóighte na cluasa agat. Budh mhór aige é féin gur thug Séamas cluaisín do: gur ghaibh sé air: léasadh do bhraith sé cuibheasach maith.

cluanach: *a.* fealltach, plámásach, mealltach. Nár chluanach an gnóth aige an cailín do thabhairt cloinne dho a's í d'fhágaint ar fóraoil (forghail?): dob fhealltach uaidh í do thréigean tréis curtha i mbroid. Cainnt chluanach na mban do chuir amugha me, chreidinn gur liom féin iad nuair mhóidighidís a ngrádh dhom: cainnt sháimhbhriathrach: cainnt neamhdháiríre. Duine cluanach a gheallfadh na huirc a's na hairc duit go milis sleamhain a's ná cóimhlíonfadh, ná a fhonn air focal dá ráidhtibh béil: duine a chuireas amugha lé n-a thoil bhanbach (mheanamnach).

cluasfheadghal: *b.3.* feadghail bhog, réidh ná beadh i gcóir rinnce. Bhuail sé an bóthar amach ag cluasfheadghal: ag feadghail go bog, sochma.

clúdach: *a.* áitrighthe, réim-seach, iomráidhteach, oirdhearc. Daoine clúdacha dob eadh Eóghan Ruadh Ó Néill, Sáirséal, Brian Bóramha, Eimit, Eadbhárd a Ghearailt: daoine gur scaip a n-ainm lé feabhas a ngníomh ar fuaid an domhain. Treabh chlúdach dob eadh na Gearaltaigh, caisleáin a's talmhaintidhe aca, ó Mhágh Nuadat go Dún Chaoin, troid a's léigheann a's féile ionta: b'fhairsing a's budh gheanamhail trácht ortha. Eiteallóir clúdach seadh Lindbearg, d'eiteall sé de dhruim bóchna: eiteallóir atá i mbéal gach aonne lé n-a fheabhas. Scrígh Raibilé leabhar clúdach: leabhar a dhein toirmeasc agus a léightear go forleathanadamhail: deárscnach, árdchéimeach: cáil mhór air lé n-a ghreann. An óráid do thug Eimit uaidh ar bhreith báis do bheith tugtha air, chómh clúdach san go mairfidh sí faid a mhairfidh an Béarla!: deárscnach, iniongtais, lán de spirid a's d'inscne.

clúdh: (**clú**) *f.* cáil, moladh, glóire, onóir, meas. B'fhada fairsing é clúdh an Pheáirnéalaigh, ní h-amháin in Éirinn ach tar lear: oirdhearcas: ainm thábhachtach, mheastamhail ameasc daoine. Chuala ag cainnt ort é agus clúdh mar é níor airigheas ag fear ghá thabhairt ar fhear eile: cáil: meas agus árdmholadh. Ná bris clúdh an chailín, leig thart í: ná bain léi: ná tabhair easonóir di trí n-a creapadh. An clúdh atá ag dul don Uachtarán as a bhfuil déanta aige d'Éirinn ní féidir smál do chur go deó air: iomrádh agus meas mór. "Seadh, tá a cuid 'sa clúdh aice", a deirtear le cailín a bheadh ag siubhal lé buachaill ar feadh i bhfad agus a mheathfadh uirthe gan é ghá pósadh, sé sin, má dhein sé beart neamhfhearamhail uirthe ní haon díobháil di é: tá sí chómh h-ionraic, iontsuirighthe a's bhí sí riamh. An lá chaith sé féin 'sa bhean amach a mháthair chuir sé gan chlúidh é féin: rinne sé beart a chaill meas na ndaoine dho. Má leanair de bheith ag caitheamh do choda airgid ar an gcuma so, beir gan charaid, gan chlúdh: ní bheidh meas ag aonne ort agus ní bhacfaidh aonne leat. Éistidh liom a chlúdh na bhfoidhneach go gcuiridh mé síos díbh ar bheartaibh an ainsciain úd: sibhse go bhfuil foidhne tar chách agaibh. I dtigh na cúirte níor fhág an t-atúrnae, ghá chroscheistiughadh, clódh ná clúdh air, nocht sé a

bhearta go soiléir: bhain sé an bonn uaidh: chuir sé mímheas a's táir ag an bpobal air. Ní chuirfinn mo chlúdh i dtreis bheith 'n-a chuideachtaint: bheadh eagla orm go gcaillinn mo chlúdh ar bheith in aon bhóthar leis. Ní raibh riamh air ach clúdh na macántachta, focal mímheastamhail níor airigheas riamh 'n-a thaobh: sin é a bhí amuigh air.

clúduighim: *b.a.* cuirim folach, clúid ar, éaduighim, cuirim ceann nó díon ar thigh, tugaim fothain do. Clúduigh do bhrághaid a's ná bíodh sí leis, iadhaidh do chasóg tharat: cuir folach nó clúdach uirthe: cuir í ins an tslighe a's ná beidh sí lé feicsint ag an saoghal. Nách ait an fear thú ná clúduigheann do thigh, lobhfaidh na frathacha leis an sín: díon (tuighe, slinn, adhmad etc.) do chur air. Tá an fear marbh agat, connus chlúdóchair é?: connus is féidir leat é do cheilt gan fhios dos na daoinibh? Is iomdha fear siubhail agus ródaidhe do clúduigheadh ó shín na hoidhche sa tigh chéadna: a fuair a bheith istigh ó "dhrucht na hoidhche". Chlúduigh sé é féin go maith ameasc na gcnoc: féach, dá mhéid tóir a bhí air nár tángthas suas leis: cheil sé é féin, nó chosain sé é féin. Seadh, tá an chré clúduighthe air, gur maith an mhaise dho é: tá sé adhlactha. An leanbh toghartha a bhí ag cailín óg an tighe, chlúduigheadar go maith é: choimeádadar 'n-a rún é. Clúduigh anuas ar chlúid an oidhin, más maith leat do chíste do bhácáil: cuir a chomhthrom teineadh dheirg air. Clúduigh an deoch san, tá duine éigin chughainn: cuir as radharc í. Mara gclúduighir do chosa gheobhair fuacht: muna gcuirir do bhróga ort. Chlúduigheas ortha é, a's budh mhaith an bhail air é, ghoirteóchaidís é mara mbeadh me: scáthas a's chosnuigheas é. Tusa a chlúduigh é, a's a thug a chosa dho, ní raibh a fhios ag neach eile an choir do bheith déanta aige ach agat, agus níor scéidhis air.

clúduighthe: *a.r.* foluighthe, cosanta, curtha i bpoll (folaigh), éaduighthe, buaic, díon curtha ar, fothanuighthe, ceilte. Tigh clúthair, clúduighthe lé tuighe churraigh gan beann ar bháistigh ná ar shín aige: é mar chosaint ó shín na spéire air. "Ní mór duit do mhac bheith clúduighthe go maith agat", ars an dubhchrónach, "nó gheóbham-ne amach é": fé cheilt in áit éigin nách eól dúinn. Clúduighthe go maith atá an fear bocht lé déidheanaighe, tá speilp éigin ag teacht air: éaduighthe thar mar budh ghnáth leis. Cá bhfuil an leathchoróin a bhí ar an mbórd ó chiainibh clúduighthe agat ná faghaim í?: curtha fé cheilt. Dubhairt an seanduine le linn bháis dho go raibh ciste clúduighthe aige i ngort, agus seo ag rómhar a chlann: curtha sa talamh. Tair ar thaobh na bpiléar díom léd ghunnma, agus caith, a's clúduigh me: cosain me.

clúduightheach: *a.* do chur clúdaigh air, foluightheach, neambéalscaoilteach. Is beag rith focail a bhíos air sin, tá sé clúduightheach go maith ar a theangain: cosantach, aireach. Claidhe mór, árd clúduightheach go gcodlófá do dhóthain sínte leis: fothanach de bharr na bhfás a bhí air. Níos clúduighthighe níor deineadh obair riamh mar deineadh an eadarnaidhe ar na dubhchrónaigh i gcorp-lár an lae ghléigil, ghil, gan fios ag neach gur caitheadh an chéad philéar: go foluightheach, ós íseal, go rúnda.

cluiche: *f.4.* súgradh, cleas seóidh, caitheamh aimsire, gnáthas adhlachta, cúrsa, ruathar, cath, tóir: fiadhach: "Mar bhís cheana seadh bheidhfeá airís ó thúis an chluiche go deireadh na scríbe" (An Peacach 'san Bás): ó thúis an choimeascair eadrainn: ó thúis chúrsa do shaoghail. Bíodh cluiche éigin againn ó táimíd stracdhíomhaoin – cártaidhe, iomrascáil nó peil: aon chaitheamh aimsire poiblidhe nó príomháideach, de ghnáth

comórtas mar a mbíonn fromhadh nó féachaint eolais a's nirt. Lá go raibh cluichidhe sa Daingean dob eadh é – rás rothar, léimeacha, rás fear, caitheamh meádhachana etc.: cleasraidh go bhfaghadh an lucht féachta sult nó sásamh aigne as bheith ag féachaint ortha. Do fearadh a chluichidhe caointe: gnása bróin a bhíodh ag na seanGhaedhealaibh: gnása ughdarásacha na ndraoithe. Cluiche caointe an lae indiu, paidreacha na marbh do léigheamh tréis turasa an teampaill do thabhairt leis an gcorp agus uisce coiscreac do stealladh ar an uaigh: gnás dréir ughdaráis na heaglaise. Lámh ná ladhar ní bheidh 'nbhur gcluiche agam ars an duine síothchána leis an mbeirt troda: 'nbhur gcoimheascar: 'nbhur saghas caitheamh aimsire. Ar feadh an lae ar fad bhí na gadhair ó shliabh go sliabh ar thóir an tsionnaigh, gur rugadar air sa deireadh, a chuir críoch ar an gcluiche: ar an gcóimhlint. Caithfear an madra so do mharbhadh níl lag air ach ag cluiche caorach: ghá dtraochadh ó bheith ag rith 'n-a ndiaidh. Is eagal liom nách fada eile bhéarfad na cosa liom, ars an té a bhí ar a chosaint, tá an cluiche ag dul ródhian orm, bíd ar mo shálaibh de ló agus d'oidhche: an tóir: an fiadhach fir. Rinne sé cluiche riain de, ní raibh cúig ar an mbórd ná fuair sé: bhuaidh sé den "déanamh" san mara mbeadh gur cuireadh suas mo lámh bhí breith an chluiche agam: cárta an bhuaidhte. Sara suaidhtear na cártaidhe socruightear ar cad bheadh sa chluiche eatartha: cad é an geall. Gidh gur buadhadh orainn thugamair cluiche maith don dtaobh eile, is minic do bhíodar i gconntabhairt chailleamhna againn, a's mara mbeadh feabhas a gcuid cártaidhe bheadh thiar ortha. Thugamair cómhrac maith uainn sa chéim mar bhí: bhíomair i ndréim dhaingin leo. Féach an crot atá ortha, cuma an ocrais a's na haindeise, sin é deir an cluiche fuaireadar sa charcar leo: an droichdhéanamh 'san ghéirleanamhaint. Thug an taom breóidhteachta úd an-chluiche dho, ní bheidh sé sa mhaith chéadna choidhche: tuargaint, suathadh. An bás máighistir an chluiche, 'sé an cionnmhádh é, nuair imreann sé a chárta bíonn an imirt thart: na beatha. B'é deireadh cluiche an mhada ruaidh a's an abhaigh lé chéile sa phrochlais gur chaith an t-abhach éirghe suas den mbioránach: deireadh an chómhraic gur staon sé den mbuachaill ghlic. Thug an drochaimsir cluiche a dóthain don luing mhóir – bhí sí trí lá thar a ceart – dubhairt an captaen dá fhaid ar farraige dho gur bhuaidh sí ar a bhfeaca sé: chuir an aimsir as di. "Bíonn cluiche na ndaoine uaisle glic" (seanfhocal): na daoine móra bíonn sé ar a gcumas a's ar a gcur teacht tímcheall ar dhaoinibh bochta lé n-a n-ionmhas gan iad do thabhairt fé ndeara nó má tugtar leagtar an tsúil (a chíos) lé breib nó comaoin.

cluicheadh: *f.* ag ruagadh, ag fiadhach, ag dul dian ar: ag claoidheadh. Bíonn a mháthair i gcómhnaidhe ghá chluicheadh, d'iarraidh é do chur ar an dteachtaireacht so agus ar an dteachtaireacht úd: ghá lorg a's ghá chiapadh. Bainfidh an madra marbhuain as na caoiribh ar an gcluicheadh atá aige dhá dhéanamh ortha ó ghort go gort: fiadhach: tóir. Má thug an bheatha so cluicheadh d'aonne beag thug sí dho é, lé clampar, a's báiseannaibh, fiachaibh a's dolaidhe ní raibh lá fé shuairceas aige: duadh, ciapadh is míoshuaimhneas.

cluicheóir: *f.3.* duine a imreas cluiche súgraidh nó tásdála nirt a's eolgaiseachta. Ní féidir lé breis a's ochtar cluicheóiridhe imirt, mar ná fuil cártaidhe go leór sa phaca a's tá deichneabhar d'iarraidh dul isteach: tá beirt chluicheóiridhe breise againn. Cluicheóir ádhmharach ar dhrísle seadh é: fear imeartha (caithte) an drísle go n-éirigheann leis.

Deichneabhar croidhean (pearsa) sa dráma a's ní mórán dúinn an méid sin cluicheóiridhe: an méid sin daoine chun aithris do dhéanamh ar chroidheanaibh an dráma (an chluiche).

cluichidheacht: *b.3.* d'imirt chleas, chluichidhe: caitheamh aimsire. Cluichidheacht atá i gceann an fhir aeraigh sin a's ní feirmeóireacht: súgradh a's caitheamh aimsire. Sé is mó atá ag teacht 'n-a choinnibh gan taithighe oibre as a óige, le cluichidheacht do chaith sé í: le fastaoim: ghá aoibhneas féin.

cluichim: *b.a.* tóruighim, fiadhachaim, ruagaim, teanntuighim, frioth-bhuailim. Chluicheadar me de ló is d'oidhche, ó bhaile go baile, ó chnoc go cnoc dhom síorlorg 'sag cur mo thuairisce, d'iarraidh beartha orm, ach chuaidh díobh, gidh gur minic do scaras go beacht, leis: leanadar ar mo thóir. Cluicheadh síos cois farraige an fiadh go ndeachaidh do shnámh: leanadh chómh géar san é ná raibh aon bhealach eile éaluighthe aige ach é. Madra agat tagann agus cluicheann mo chuid caorach dem chuid féin – cad é mar shaghas oibre san? ruagann sé iad dem sheilbh. Chluich na hIodálaigh na hAibisínigh bhochta ó cheanntar go ceanntar lé breis na saighdiúiridhe agus bárr armála: ruagadar iad: chuireadar an teicheadh ortha, d'fhiadhachadar iad mar dhéanfá ainmhidhthe creiche. Cluicheadh sa deireadh me, dá fhaid a bhí ag rith liom: tángthas suas liom a's rugadh orm: deineadh bráighe dhíom. Thug sé fúm go dóighte lé do-bhuille do leagfadh tarbh, ach chluicheas an iarracht lém chiotóig: chosnuigheas me féin air: chuireas díom an buille marbhthach ar an gcuma san.

cluichte: *a.r.* traochta amach ó thóraidheacht, teannuighthe, i ndraip. Ar leabaidh a bháis sé dubhairt sé: "táim cluichte ag an mbitheamhnach": curtha i dteannta ná fuil teacht as agam. Ní bhfaghfá giorrfhiadh ar an gcnoc ná fuil cluichte ag lucht fiadhaigh: tóruighthe agus coscartha (marbh). Ní rug aon bhliadhain fós riamh orm go rabhas chómh cluichte, lucht fiach ag fógairt orm, glaodhach cíosa a's a liacht muirearaighe eile: go raibh saoghal chómh míoshuaimhneasach agam ó chéimibh an tsaoghail. Go dtí go raibh sé cluichte ar an gcuma san ná féadfadh sé eirghe den bhfléige ní ghéillfeadh sé: chómh tugtha.

clúid: *b.2.* (*iol.* –eacha) cúinne, uile, cúláis, cúil (cúlach), an bhacla, cúláit: cosaint: coimhdeacht, dídean. Fan 'n-ár gclúid-ne, más áil leat ár gcuideachta is gheóbhair coingeamh a's déanamh dá réir: fan 'n-ár bhfochair-ne a's gheóbhair coimhirse a's cóiriughadh galánta. Fan i gclúid do mhná: 'n-a cuideachtain, 'n-a barróig a's n-a cion. Faid bheir im chlúid-se (fém chlúid) ars an t-oifigeach namhad liom, "ní baoghal duit cruisteach ó neach": fém choimirce-se: fém chosaint. Ag lorg mo phinn dom i rith an lae ní fhaghainn agus í i gclúid éigin sa tigh: i gcúinne nó in áit éigin fholuightheach. B'fhuraiste dhuit an lá ar fad do chaitheamh san áit seo, is iomdha clúid ann, ameasc na gcnoc, na ngleanntán 'si gcuas gan aon ghluaistín do theacht treasna ort: cúláis, áit iargcúlta ná buaileadh daon leat ann. Mhothluigh an leanbh i gclúid a mháthar nuair tháinig an duine deóranta isteach: chorruigh sé i mbaclainn a mháthar níos giorra dá brollach. Fear atá i gclúid chirt chun iomrascála seadh é – guailne, géaga, maotháin, chómh slachtmhar a's budh mhian leat d'fheicsint: córach, déanta, deaghchúmtha. Gheóbhair an lothar (áit i gcóir éadaigh) i gclúid thoir an tseómra: sa chúinne thoir. "Cuir

uait an t-imshníomh", ar seisean liom 'n-a chúil coille, beidh "clúid fé bhrat" agat uaim-se: daingneacht.

clúid: *b.2.* folach, clúdach, brat, caochóg (fuinneóige), scáil, scáth. Fé chlúid na cráibhtheachta bhíodh sé ag déanamh droichbhearta: ar scáth: ag leigeant air bheith cráibhtheach, a's olc ar siubhal aige. Ní mór do dhuine clúid mhaith in aimsir fhuar ón bhfuacht: éadach cosantach. Ní haon clúid chos na leighcidhe bróg san: ní fasc ná cosaint na bróga san gur dhóigh leat gur páipéar iad. A lithéid de bhrobhais hata ní fheaca mar chlúid cinn riamh im shaoghal: fásc: bairéad don gceann. Daingnigh an chlúid ar thigh na mbó nó beidh an ghaoth isteach ortha: cuir treó cheart ar an ndoras. Níl an chlúid sin oireamhnach dod chorcán, tá sí ag imtheacht síos ann: an rud a buailtear anuas ar rud eile chun folmhas do cheilt nó an rud fé. Is deacair clúid sionnaigh d'fhionnadh: a áit foluighthe (chómhnaidhthe) d'fhagháil amach. Is fusa droichbheart do dhéanamh ná a coimeád fé chlúid: fé cheilt: fé scáth: gan a heolas do scéitheachtaint. Níor mhaith liom aon rún do bheith ag Tomás orm, duine gan aon chlúid seadh é: fear róbhéalscaoilteach: ní choimeádann sé a theanga 'n-a tost. Ní thabharfainn lé rádh dos na cómharsanaibh go mbeadh a fhios aca gur bhuail mo dhreatháir me – chongaibheas fé chlúid é: d'fhágas 'n-a rún é. Las an solas a's tairng an chlúid ar an bhfuinneóig: an brat. Nách daor an chlúid úrláir é sin – caoga púnt? brat. Tair im chlúid: luigh liom a's barrógaim thu. Clúid cheart samhraidh atá ort, bróga éadtroma, stocaidhe tanaidhe, cabhail chnotálta, a's casóg thanaidhe: éadach oireamhnach don samhradh. "Ná coimeád clúid ar do pheacaidhibh", ars an sagart liom: cuir i bhfaoisdin iad uile. Téighimís isteach ó chlúid na hoidhche: ón spéir. I gclúid na hoidhche seadh bhuail an long aoir aniar ón bhfarraige i gcoim oidhche.

clúimhín chait: *f.* (*gan díochlaonadh*) máthair an duilisc, ceann donn, fás mara miondhuileach, gearr, a baintear 'sa caointear lé n-a itheadh: bíonn trácht mhór anois air mar earra ithte.

cluinteach: *a.* d'éisteacht; aireach. Fear cluinteach as baile seadh é a's bíonn lán mála 'e scéalta aige ón nDaingean: bíonn sé ag éisteacht go haireach lé hionchas scéalta nuadha do chlos a's do bhreith leis. Lean ar t'eachtra, táim-se cluinteach: ag éisteacht leat go haireach: ag breith an uile fhocail liom.

cluiséad: (**cluaiséad**) *f.1.* cúláis; áit fé leith do cheileatas. Chaitheadar an tráthnóna ag ól 'sag comhchainnt i gcluaiséad Sheáin Uí Churráin: san gcúláis bhig dhúnta ar thaobh an tsiopa. Thógas cluaiséad as thaobh an tighe chun áruistidhe a's uraidhe na cisteann do chongbháil i bhfeighil a chéile; seómra beag. Téighimís i gcluaiséad éigin ón sráid chun an airgid do chómhaireamh: in áit éigin chúláistigh ná beidhfear ag cur isteach orainn.

clúmh: *f.1.* an bruth a bhíonn ar ainmhidhthe ceathairchosacha – bó, capall, girrfhiadh, sionnach; na mionchleitidhe a bhíos ar éanlaithibh seachas na sciatháin; na ruibidhe laga, boga a bhíos ar chorp an duine seachas an folt. Bearraidh tú féin (t'aghaidh), táir lán de chlúmh: féasóg throm, dhlúth 'n-a clúid ort. An fhaid sin do bhí an t-iasc istigh bruithte go raibh clúmh liath air: snas bán: milcheódh, an snas a bhíos ag teacht ar rudaidhibh a's iad ag tosnughadh ar lobhadh nó bheith ag teacht fútha, mar éadach, iasc, feóil, adhmad etc. "Go n-itheadh an clúmh thu!" deirtear lé duine go mbíonn breis de air a's ná bearrann

a's glanann é féin. Clúmh éan, clúmh capaill. Dheinimís liathróid de chlúmh na mbó, dhá liathradh dhúinn idir ár lámhaibh agus rann ar siubhal gurbh é a túis, "liathram, liathram..." agus sinn ag caitheamh ár silidhe air chun a dhlúighthe ar a chéile go mbíodh daingean fuinnte. Léan air an rud clúimh, cad go mbeadh súil agat leis uaidh? – cníopaire a bhíos ghá thochas féin gach lá den tseachtmhain! Duine go mbíonn fionnadh salach air; an clúmh cas mion: an clúmh (na ruibínidhe) lag a fhásann ar an gcorp. Leaba chlúimh: leaba go mbeadh clúmh na n-éan sa tocht. Ithte ag an gclúmh: féasóg a's folt iomadach a's gan bearradh ná glanadh leis na ciantaibh.

clúmhach: *a.* do bheith fé chlúmh nó cleitidhibh. Mo choinsias duit go bhfuil sé chómh clúmhach san anois nách mór go bhfeicfeá súil ná béal ann. Is ar an madra ruadh do bhíonn an clúmhach agus ar mhuineál an leómhain: fionnadh fada, trom. Seadh, seadh, tá sé agat, 'sa chómhartha lé n-a chois, clúmhach mar deirir: féasógach. Mo ghradhain do leicne, is uirthe ná fuil clúmhach: glanbhearrtha.

clúmhadh: *f.* (*-mhtha*) do phriocadh a's do ghlanadh mar ghníonn éanlaithe chun a gcuirp do bheith níos líomhtha. Scaoth mór faoileann ar scéimh na faille ghá gclúmhadh féin: ag priocadh na mion-chaschleite dá gcruit, d'fhonn iad do bheith níos seólta. Gaibh anuas as an seómra san, tá an lá caithte agat ghod chlúmhadh féin, nách mór go léir an salachar a bhí ort: ghod ghiobadh a's ghod ghléasadh féin d'fhonn go mbeidhfeá inbhreithnighthe.

clúmhamhail: *a.* mórainmeach, mórthráchta, deaghtháscach, iomráidhte: oirdhearc. Ó, ambasa féin budh dheacair neach budh chlúmhamhla ná é d'fhagháil, a ainm anáirde go meastamhail ameasc na ndaoine: budh mhó tagairt urramach, árd-cheana ná é. Bágh chlúmhamhail éisc dob eadh Bágh an Daingin gur scrios trollairidhe iasachta tímcheall uirthe: bágh go raibh a hainm fada fairsing lé hiomadamhlacht agus feabhas a gcuid éisc. Oifigeach airm clúmhamhail dob eadh an Sáirséalach, is iomdha páirc agus cómhgarach catha 'n-ar dheárscnuigh sé: a ainm a's a fheabhas leathta go fairsing. Buachaill clúmhamhail seadh é eadrainne: meas a's mórdháil againn as. Leis na ciantaibh tá Muinntir Mhic Aonghusa clúmhamhail ar an leann dubh do ghníd: tá a n-oilteacht ar dhigh mhaith, shuiméarach do dhéanamh leathta ar fuaid an domhain uile. I ndán a's in eachtra budh chlúmhamhail Fionn 'san Fhiann ar theinteánaibh na hÉireann seal: do bhíodh a n-eachtraidhthe 'sa gcleasradh dhá luadh agus éisteacht na ndaoine go fonnmhar leó.

clúmhthairt: *b.2.* na cleitidhe cas-mhiona laistigh: seansmuirt d'fhear ag béal puill fé chab carraige. Fuaireas clúmhthairt lachan, bhí an chuid eile soiléir (b'fhuraist aithint gur sionnach a bhí ann): cleitidhe a's clúmh stracuighthe thall 'sabhfus ar an dtalamh. Bíonn an tseanbhean sa chúinne i rith an lae sínte ar chlúmhthairt éigin thuighe ag cur únáin ar chodladh: ar shráideóig (mata) snoighte, caithte le haois.

clúnfairt: *b.2.* duine caithte, seirgthe, mairiach (duine a saoghaluightear roimh deireadh a aistir). Na ceithre fichid glan go hárd aige, 'n-a chlúnfairt gan bhrigh gan tairbhe anois: 'n-a sheanóir chríon, beag-anama. Ní chuirfeadh muileann (plúir) Thomáis Uí Dhonnchadha blás (bláthas) ná crot ar an gclúnfairt: duine lom, caol gan spiota fiadha ar

a chnámhaibh. Ní ba iad san, na clúnfairtidhe sin! ná fuair punann choirce ná teornap ná féar i rith an gheimhridh: ba snoighte caithte na cnámha tríotha amach. Ní raibh an fás riamh fé, an créatúir clúnfairte nár tháinig a ionbhaidh dob eadh é: duine saoghalughadh roim am cheart do theacht ar an saoghal. Ith, a chlúnfairt, a's tagadh cuma ort: a rud dhearóil.

clúracán: *f.1.* abhac sidhe: duine meathluighthe. A's sinn óg chreidimis ós na seanóiridhibh go bhfeiceadh daoine áirighthe clúracáin san úin agus gur bh'iad na Danair iad a imthigh a's a fhan fé thalamh leis na ciantaibh: miondaoine. Ní tháinig aon fhás riamh fé, d'fhan sé 'n-a chlúracán: ruidín beag.

cluthair: *b.5.* (-arach, *iol.* cluthairtidhe) fothain: áit chosanta: cúil sheascair. Is beag gálaidhe a dheineas díth dár gcuradóireacht, tá an talamh i gcluthair na gcnoc: i bhfothain. Féach, cuir mo chasóg mar chluthair ort a's ná bí ag imtheacht lomnochtuighthe lá duibheaca mar é seo: mar chosaint shíne. Sin é áit anois, an fhaill charraigeach san go mbíonn cluthair na sionnach: cúláit, clúid: fascain chosanta. Coimeádann sé an chluthair ar gach aon chúram leis: ní leigeann sé air cad bhíonn ar siubhal aige. Bain an chluthair den ualach, d'fhéachaint cad atá agat: an chlúid.

cluthmhair: *a.* teólaidhe, seascair, foluightheach, deaghfhothaineamhail, rúnchoimeádach, neamhbhéalscaoilteach. An diall féin, ní shásóchadh máthair mo chéile, tá cúinne (tigh sa chéill seo) cluthmhair, biadhmhar, subháilceach aice agus ní dhéineann san di gan bheith ag gabháil dom mhnaoi: tigh seascair (ar a toil) ach níl sí sásta gan bheith ag crádhadh 'sag ciapadh mo mhná. Budh chluthmhaire go mór na tighthe díontuighe ná na tighthe slinne, ní bhrathfá oiread gaoithe ná oiread fuachta ionta sa gheimhreadh ná oiread teasa sa tsamhradh: ní budh chompórdaighe chun cómhnaidhthe ionta. Tháinig an t-aimeón airgid air thar lear in oidhreacht, nách cluthmhair an caonaidhe é gur beag a bhrathfadh air go raibh a lithéid i gceist: coimeádtach ar a chúrsaidhibh féin. Seadh, ó thárla san dúinn gur bhriseamair mo ghluaisteán lé neamhaire, a's ná fuil aonne annso ach sinn féin (ná feiceann ár namhaid sinn) coimeádaimís cluthmhair é: ná leigimís an cúrsa ná éachtaint air chun aonne. Áit chluthmhair go maith chun dul i bhfolach ar an dtóir seadh an t-oileán úd amuigh sa bhfarraige: ball gur furaiste an lucht cuardaigh do sheachaint ann. Seo teachtaireacht chluthmhair duit don gCeann Feadhma, agus ná bíodh fios do ghnótha ag neach eile beó: teachtaireacht do féin, féin.

cluthmhaireacht: *b.3.* teódhacht, seascaireacht, fothain. Beidh cluthmhaireacht annsan cois an chlaidhe aoird ag na meacanaibh chun fásta go maith: fothain agus ciúnas. "Beidh ort fanacht i gcluthmhaireacht an tighe ar feadh i bhfad fós, mar taoi éiglidhe", ars an dochtúir agus bheadh claontacht fuachta ag gabháil leat: i bhfothain agus i seascaireacht. Ní gábhadh leath na cluthmhaireachta ar do phósadh, ní fhéadair é do cheilt choidhche: an coimeád fé rún. Teine mhór nár mhór sa tigh seo mar is beag cluthmhaireacht atá i dtógbháil na bhfallaidhe: drochthógaint, a's bíonn an siolla tríotha. Choimeádadh sé an firéad a's é ag fiadhach choinínidhe ar an Oileán i gcluthmhaireacht a bhrollaigh: seascair, te ó n-a chneas. Fan i gcluthmhaireacht an chúinne, a sheanduine, mar táir ró-leice a's gan fulng fuachta ionat: i dteódhacht is i dteólaidheacht na teine. Rug sé ag goid orm agus rinne sé cluthmhaireacht air go lá a bháis: níor inns sé do pheacach beó é. Sin í

an bhean thoirteamhail, fhuinneamhail, shláinteamhail, go n-abróchainn-se go bhfuil cluthmhaireacht oidhche innte: go mbeadh teas uaithe i leabaidh. Leigimís tharainn an cioth fé chabhadh na carraige seo, beidh cluthmhaireacht againn ann: fothain gan braon.

cluthmhardhas: *f.1.* teódhacht, brothallacht. Chaithfeá do léine dhíot, a bhuidhe lé Dia, lé cluthmhardhas na haimsire: teas agus aoibhneas. Réidhtigheann cluthmhardhas an tsamhraidh liom, bím lán de cheól: teódhacht a's brothall: cuireann sé anam a's spionnadh ionam.

cluthmharuighim: *b.a.* téidheamhuighim, fothanuighim, seascaruighim, bailighim (éadach) tímcheall orm féin: clúduighim: cuirim fé cheilt. Cár, agus connus, chluthmharuigheadar Deibh ag dul a's ag teacht ó Mheirice dho a's a dhéine a bhí Sasana ar a chuardach: cár agus connus cuireadh i bhfolach é. Cluthmharuigh tu féin, cuir ort do chasóg mhór, tá nimh sa mhaidin: cuir breis éadaigh, chun breis chosanta, ort féin mar tá an mhaidean an-fhuar. B'fheárr dhuit dul 'on leabaidh leis an slaghdán san, téidhir agus cluthmharuigh ort féin: bailigh na héadaighe leapan tímcheall go dlúth ort féin. Cluthmharuigh ar an síol nó dóghfaidh an sioc é: cuir clúid chosanta air (cré nó eile). Chluthmharuigh an t-éan críonna na geárrcaigh go léir chúiche nuair chonnaic sí an sionnach chúiche: bhailigh sí fé n-a sciathánaibh iad chun a gcosanta. Ná bíodh faitchíos ar bith ort go leigfead do rún le haonne, cluthmharóchad chómh ciúin leis an uaigh é: coingbheóchad chómh tostmhar lé huaigh é. Cluthmharuighimís annso ar scáth na faille go maidean, tá an fharraige róthréan dúinn chun dulta i gcalaidh: glacaimís fothain.

cnádáil: (**cnádghail**) *b.3.* gearánghal, cainnt chogaint. Cad é an chnádáil atá ort ná labharfadh amach, focal ní tuigtear uait: ag monabar chainnte, ghá h-itheadh. An saoghal mór, ní shásóchadh thu, an cnoc so thall do chur ar an gcnoc so abhus duit, a's bheidhfeá ag cnádáil 'n-a dhiaidh: ag gearán, ag clamhsán.

cnádamhail: *a.* tugtha do ghearán, do chnáimhseán, do cheasnaghail. Bítear dhá shíorrádh gur b'iad na feirmeóiridhe an aicme is cnádamhla in Éirinn, ach cad é an bhreith atá aca ar mhúinteóiridhibh a's ar Státsheirbhíseachaibh le cnádamhlacht?: is mó a bhíos ghá shuidheamh ná faghaid a gceart a's go mbíonn iomard éigin in aghaidh an lae ortha. Mara mbeadh gur cníopaire beag diaill cnádamhail é, do shásóchadh cion fir é: duine nár bh'fhéidir a bhéal do chongbháil iadhta.

cnádán: *f.1.* cneadghail ghlórach, gnúsghal: glórghail gharg, mhíothaithneamhach. Riamh, faid atá aithne agam air, tá sé ag cnádán le piantaibh chnámh, chloisfeá ar an dtaobh amuigh de dhoras a chnead 'sa dhuabhais: glór goirtightheach an tinnis. Ní maith liom frog agus ní maith liom a cnádán: a glogarnach, an glór gránda scórnaighe do ghníonn sí. Chugham airís tú léd chnádán, cad tá uait orm anois?: gearán: ag clamhsán: go bhfuil easbhaidh nó díth éigin ort. Ar mh'anam dá mbeadh ocras ort ná beadh aon chnádán agat ar mhuicfheóil, ní hé gur mairtfheóil do bheadh uait?: cnáimhseáil, míoshástacht. An cnádán a bhíos ar an gcat nuair bhíonn sé ag súgradh lé luich: an crónán sásta. Dá me thu ní bheinn ag cnádán ar rud bheag mar scilling, ní thabharfainn lé rádh é: ag déanamh sians di.

cnádánaidhe: *f.4.* duine a bhíos ag gearán, cúis nó gan chúis, a bhíos míoshásta, is cuma cad é an aiste do bheadh air. Léan air, an rud sprionnlaithe, an cnádánaidhe, má chaith sé coróin ar a cháirde, nách air atá an tinneas 'n-a thaobh: an duine beagchroidheach, crádhinntineach.

cnádánaim: *b.a.* déinim gearán, déinim cáiseamh, déinim gágarlach. Cnádánann an fhrog ist oidhche: déineann sí glór gránda, neambinn. Cnádánann sé ar a luighead cúise: bíonn sé ag ceisneamh gan a adhbhar aige. Má bhuaileann tinneas idir an dá ghualainn é cnádánann sé mar dhéanfadh bunóc ocrach: bíonn sé ghá cháiseamh féin.

cnádughadh: *f.* (*-ughthe*) athbheódhachtaint, do theacht ann. An teine (nách mór a bhí múchta), tá sí ag cnádughadh, chídhim lasair bheag annso agus annsúd: ag teacht chúiche féin. Níl aon chnádughadh ag dul ar an dteine, níl innte ach spairt (drochghual etc): níl aon anam ag teacht innte.

cnáduighim: *b.* aithbheódhaim, tagaim chugham féin, éirighim as thromshuan. Ná cuir aon chruisteach anois uirthe a's cnádóchaidh sí: tiocfaidh sí chúiche féin: lasfaidh sí. Ar an aiste atá ar an dteine ní chnádóchaidh sí choidhche: ní adhanfaidh sí. Cnádóchaidh sé ach é do chrothadh: múscalóchaidh sé as a shuan trom.

cnag-: *réamhmhír a cuirtear le hainmfhocalaibh agus le haidiachtaibh* cuibheasach, taidhbhseach, toirteamhail. "Cad é an aois a bhí ag an marbh san do hadhlacadh indiu?" – "cnagaois, deich agus trí fichid". Táir i gcnagaois do phósta anois: go hárd in aos go bpósfá gan aonne do chasadh t'óige leat: go maith isteach ins na bliadhantaibh maidir lé pósadh – trí bliadhna déag ar fhicid nó mar sin. Nách air do bhí an cnagéadan a's labhairt chómh clódhachaiseach, truaghán mar é, lé fear ded neart a's ded dheallramh: tighearnamhail, ceanndáine.

cnag: *b.3.* scoilt, briseadh mar bheadh in iarann nó i ngloine, briseadh, glór obann cruaidh: buille. Fág cnag ins na prátaidhibh: bídís bruithte ar chuma nách ndéineann brúscar díobh gan mhoill. Chuala cnag éadtrom ar an bhfuinneóig, agus d'fhiafruigheas cé bhí amuigh – "mise", ars an ghuth: glór géar, cruaidh. "Cé bhuail cnag ar an ndoras?": cé bhuail ar an ndoras mar buailfí buille beag lé ceann bata. Chuala cnag na trucallach i gciúnas na hoidhche, d'imthigh an t-imshníomh díom, mar bhí a fhios agam go raibh an seanbhuachaill ag triall ar an mbaile: an glór do dheineadh an t-acastair ag bualadh ar iarainn an mhuil. Thug sé cnag don ubh lé n-a spionóig a's do bhris sé an plaosc aige: bhuail sé go pras é a's bhris. Baineadh cnag as an nadhbhóig nuair triomuigheadh fén iomad ualaigh ar an gcladach: dhein a tón glór mar bheadh a hadhmadaidhe ag briseadh. Mara bhfanfá socair b'fhéidir go dtabharfainn-se cnag san éadan duit: go mbuailfinn buille ort a bhainfeadh glór asat mar dhá mhianach cruaidh ag bualadh ar a chéile. Cad chuir an chnag sa bhfuinneóig, tuitfidh an plána as an ngline: an scoilt. Ó bheith ag gabháil lé hórdaibh ar feadh an tráthnóna ar an mbóirnigh tháinig cnag innte: scoilt: do scar sí ó chéile. Fuair mo cheann an-chnag ó n-a bhata: buille go gcloisfeá a fhuaim. Tiocfaidh cnag san oighean ón dteine: scarfaidh sé lé chéile. Thugais cnag mhaith an uair úd a chuir 'n-a éisteacht é, a's a bhain smut den éirghe anáirde dhe: péac: ionnsaidhe cainnte. Ná bac an tseanaois nuair thagann cnag sa tsláinte: má bhriseann sí in ao'chor.

Go saoraidh Dia sinn, is mór an droichmhianach é, ar chualaidhis an chnag do bhain sé as a fhiaclaibh lé droichmhianach? an glór cruaidh ghá mbualadh ar a chéile. Cuir uait an cupa san, tá cnag ann a's leigeann sé uaidh: tá scar tagtha ann. Ar dhóigh leat go bhfuil cnag 'n-a inchinn, an gcloisir an scéal gan éifeacht atá aige? rud éigin mícheart leis. Cnag do bhualadh ort atá tuillte agat, a dhailtín, ná héisteóchadh do bhéal bréan: buille dóighte.

cnagach: *a.* scoilteach, méiscreach, do bhriseadh go glórach. Carraig chnagach seadh í ná féadfá bád do shaoradh uirthe: méiscreach: gearraidheacha doimhne a's iad géar, biorach. Fuinneóga cnagacha atá ar an dtigh a leathfadh tú leis an siolla a bhíos ag séideadh trís na scoilteachaibh: go bhfuil briseadh ins na plánaidhibh. Obair chnagach a bhíos ar siubhal i gceárdchain: glór mion, tiugh, trom (go minic) ag iarannaidhibh dhá mbualadh.

cnagach: *b.2.* briseadh glórach, pléascadh, brioscarnach. Ara, a dhuine, cad é cnagach a bhí ag an dteine adhmaid, chloisfeá dhá chéad slat ón dtigh í: glór cruaidh mion. A's an tigh ag dóghadh do chloisfeá an chnagach ag adhmadaidhe ar fuaid an pharóiste: glór obannbhriste an adhmaid lé neart na teine. Beidh cnagach ag brógaibh ag rinnce ar an úrlár leac so: fuaim as ó theangbháil na mbróg. An gcloistí an chnagach atá ag an madra ghá bhaint as an gcnámh: glór cruaidh, géar.

cnagadh: *f.* (*-gtha*) scaramhaint trí bhriseadh, scoltadh, cniogadh, buille: an glór a dheineas aon adhbhar cruaidh dhá bhriseadh: do dhéanamh brioscbhruain nó smidirínidhe: tuargaint. Ní háil liom an cnagadh a fuairis ón éagcruas, táir lom caithte do dhóthain: an bualadh, an tuargaint. Tháinig sí isteach i gcarbad na traenach, an cnagadh mná, chómh taithneamhach a's gur luigh súil fir riamh uirthe: bean iontnútha. Cnagadh maith seadh í: is fiú dul 'n-a clúid. Tá na huibhe seo sicbheirbhthe, táid ag cnagadh, tóg iad: tá an plaosc ag scoltadh ortha leis an dteas. Cad chuir an cnagadh san sa bhfuinneóig, mara gcuirtear tathdóib leis an bplána tuitfidh sé amach: scoilt. Chuala cnagadh ar an ndoras: cniog bheag éadtrom mar dhéanfá let ailtibh. Níor thréigeadar an long go raibh sí ag cnagadh: a máillidhe ag briseadh agus glór aca, a's í ag tuiteam as a chéile.

cnagaim: *b.a.* ₇ *n-a.* buailim le (ar), scoiltim, déinim glór: smeachaim. B'fhéidir go gcnagfainn-se i lár an éadain thú muna gcuirir uait an deiliúsaidheacht: go mbuailfinn go cruaidh pras tú. Chnag an t-acastair fén ngluaisteán a's "teoit!" ar seisean: bhris sé go hobann tricghlórach. Nách é an droichmhianach é, bhíos cnaguighthe aige sara raibh suas faic agam: buailte go cruaidh, láidir. Tá a bhean cnagtha (cnaguighthe) aige: cumaiscthe: clannuighthe. Ó, a Mhuire, b'fhliuch an fear i dtigh an tábhairne é, mar chnagadh sé an chonntabhairt chómh luath agus bhíodh na ciotaidhe taosctha: bhuaileadh sé i gcómhchlos do n-a mbíodh láithreach. Chnag an chos sa lorgain aige: briseadh í. Chnag sé a fhiacla lé gomh chugham, chloisfeá giascán aca: bhuail sé agus chuimil go cruaidh dá chéile iad.

cnagaire: *f.4.* tómhas dhá ghloinne. Cnagaire beathuisce. Bó gan bhleacht seadh í, ní bhíonn cnagaire bainne aice: fíorbheagán. Bheidhleadóir de Mhuinntir Ghearailt a bhí ar na Gorta Dubha i bParóiste an Fhirtéaraigh go raibh "Seáinín an Chnagaire" mar leasainm air, toisc gur b'annamh do raghadh sé abhaile ó chóisir ná ó bhainis gan cnagaire chun a leighiste ar maidin – ruibe de chlúmh na con san ar n-a bháireach, mar

deireadh sé féin “ar eagla na heagla”. “Má bhíonn tu súighte, brúighte, marbh tnáidhte/ ó shughadh na n-ubhall gcumhra is leanna láidir/ glac-se chughat, más fiú leat teacht id shláinte/ ruibe ’e chlúmh na cú san lá ar n-a bháireach”.

cnagarnach: *b.2.* briseadh glórach, pramsáil ar leacachaibh: smeachadh, smísteáil, glór mar dheineann adhmad i dteine. “Cnagarnach”, ars an té a chonnaic meisceóir ag scuabadh a raibh de ghloinidhibh ar an gconntabhairt fén úrlár a’s glór aca ag crágadh: glór seadh é. Ó oidhche go maidin do bhí cnagarnach rinnce ar lic an teinteáin, iad dá fhéachaint lé n-a chéile céaca dhíobh an rogha: fuaim a’s fothrom bróg ag bualadh go tric, mear. Feóil rósta ar fhriochtán aige go raibh cnagarnach ag túdar ’n-a tímcheall: glór nuair léimeadh sughlach na feóla lé teas an iarainn. Mara raibh cnagarnach ar ubhallaibh ag rudaidhibh beaga oidhche Shamhna, ní lá fós é: glór fé n-a bhfiaclaibh dhá bhaint asta mar bhainidís an greim. Ara, mhuise, bhí an bád go maith agat, bail uirthe, níl aon bhaoghal ná go raibh cnagarnach aice ag teacht tríd an dtaoide bhuile sin san dteannghaoith seo: glór ag scoltadh na dtonn dá sleasaibh siar. “Seadh”, ars an Boighlear (fear annso dúlmhar i bhfeóil go bhfuil an leasainm sin air) “anois go bhfuil an seantáille i ngiorracht dom, beidh cliathán slán na muice ar crochadh os chionn teineadh agam, agus beidh cnagarnach agam uirthe, Domhnach a’s dálach: glór m’fhiacla ghá hitheadh, agus cuid mhaith dhi agam. Bhaineadh an ghaoth mhór cnagarnach as na frathachaibh, go gcloisfeá ar crith iad a’s smúit ag imtheacht asta lé gach feóthan: glór ag slinn a’s adhmad dhá theannadh. Bainfead-sa cnagarnach asat fós: suathfad ó thalamh thu go mothóchair é. Ar an bhfuadar atá fé Chómhachtaibh na hEóraipe fé láthair a’s an fonn achrainn ní fada ná go mbeidh cnagarnach aca: bualadh go gcloisfear a ghlór go fada.

cnagbheirbhighthe: *a.r.* beirbhighthe nó bruithte go maith. Mara an mian leat clocha ar fad do dhéanamh dhíobh tá na huibhe seo cnagbheirbhighthe: beirbhighthe an oiread san a’s go bhfuil an plaosc ar tí briste.

cnagbhuille: *f.4.* buille teann. Fuaireas cnagbhuille sa tsróin a’s me ag déanamh síothchána eatartha a chuir ag tabhairt fola me: buille gonta go gcloisfeá an phléasc do rinne sé.

cnáib: *b.2.* plannda anoir ós na hIndiathaibh go bhfuil a shreangáin (a shnáithínidhe) oireamhnach le sníomh ar nós an lín agus go ndeintear cuir de chun téad, anairte (seóil) etc.: siollán na croiche. Níl aon rud oireamhnach don ndiolmhanach droichbheartach san ach an chnáib!: é do chrochadh. A chrochaire na cnáibe, stad nó cuirfidh an dlighe greim ort! a chladhaire nách bhfuil faic eile oireamhnach duit ach an siollán. An chnáib do dheireadh-sa ar an ndrochfhuadar atá fút: is é do dhán tu do chrochadh. Daradha cnáibe, líon cnáibe.

cnáid: *b.2.* cleithmhagadh, fonmhóid, scige: crádh, forrán. Cad thabharfainn duit, duine a bhíos ag déanamh cnáide fúm?: ag magadh fúm. Nuair iarr sé guthanna lé dul ’on Dáil ghá rádh gur gheairrid an mhoill air féin réidhteach do dhéanamh lé Sasana, d’fhiafruigh fear de lé cnáid cén fáth nár dheineadar an réidhteach san nuair bhí a champlacht i gceannas: le cleithmhagadh: magadh scigeamhail. Thairgeas do go raghainn í

gcómhpháirteachas leis a's go gcuirfinn trí chéad púnt san gcuallacht, dhiúltuigh é agus rinne cnáid fúm: is amhladh a bhí corp dímheasa aige orm.

cnáideach: *a.* cráidhteach, magamhail, searbhasach, leamh. Chaitheadar cainnt chnáideach liom nuair dubhart leó go dtiocfadh an lá go gcuirfí cath in Áth Cliath airís ar son na hÉireann: gháireadar a's ní mór ná gur chaitheadar clocha liom: cainnt mhagamhail, tharcuisneach. Briathra cnáideacha uait gan puinn céille, anois go bhfuilir féin ar do shocracht, nár cheart faic ach gorta do thabhairt dos na bochtaibh: focail shearbhasacha mhagaidh. Is beag mo mheas air, duine cnáideach ar gach aon iarracht a thugas an Riaghaltas ar mhaith do dhéanamh: bheith ag magadh fé, dar leis. Níl aon nidh is mó a chuireas déistean orm ná duine cnáideach: táinseamhach, ghá chur féin in iúil i mbréithribh magamhla, táire fén uile rud.

cnámhghearradh: *f.* (*-ghearrtha*) do scoltadh nó scaradh cnámh: do throid: do stialladh. Má fuair neach riamh cnámhghearradh is é a fuair é a's na dochtúiridhibh, níor fágadh pioc dá chreatalach gan an scian do chur ag obair air: do stialladh: do mhórghearradh. An plámás ar fad a bhí aca it fhiadhnaise a's an cnámhghearradh nuair ionntuighis do dhrom leó: an cáineadh a's an t-ithiomrádh. Tabharfaidh na tíortha cnámhghearradh dhá chéile, a's ní fada go dtí é: bualadh a's stialladh gránda.

cnámhréabadh: *f.* (*-btha*) briseadh a's strac-chasadh. Deineadh an oiread san cnámhréabtha ar shaighdiúiridhibh san bhFhrainnc (lé linn an Chogaidh Mhóir) lé pléascánaibh go n-imthigheadh a gcuirp 'n-a smutaibh in áirde san aer!: mionramh: stracadh agus lat. Dá mbeadh gan cnámhréabadh éigin do bheith air tréis a thuitim de bhuaic an tighe shiubhalóchadh sé: iad goirtighthe nó as ionad.

cnámhreamhar: *a.* cnámhach. Ainmhidhe cnámhreamhar seadh capall: bíonn géaga troma, toirteamhla fé. Ní hiongadh sé clocha déag meádhachana do bheith ann, tá sé cnámhreamhar: cnámha a's géaga fé go bhfuil tímcheall aca tar ghnáth. Lé neart ceart d'iomchair sé an nadhbhóg, ach cá ngeobhadh an chnámhreimhre?: caithfeadh na cnámha toirteamhla bheith trom.

cnáimhseáil: *f.1.* gearán, do ghearán, míoshástacht aiste, d'fhagháil locht. Is cuma cad é an iondrabháil ar fheabhas ná deaghdhéanamh do gheóbhadh sé uait bheadh sé ag cnáimhseáil ná raibh neach budh lugha go raibh aonne 'n-a chúram ná é: ag monabhar míoshástachta. Nách air atá an chnáimhseáil le bochtanacht, a's airgead sa bhannc aige: an gearán: an béal bocht. Dá fheabhas toradh a bheadh ar a chuid talmhan ní chloisfeá choidhche acht ag cnáimhseáil é: ag cur a mhíoshástachta in iúil. Tréis na cnáimhseála go léir, na daoine bodhar aige lé n-a bhochtanacht, sin tigh ceannuighthe anois aige ar seacht gcéad púnt!: do chur a aindeise in iúil. Bí ag cnáimhseáil orm-sa i gcómhnaidhe, ná déin féin faic a's beidh gach aonnidh ar fheabhas ós rud é ná fuil ionam-sa faic do dhéanamh: ag fagháil locht orm-sa. Ná bíodh aon chnáimhseáil ort, tá cion do chíosa agat: ná bí ag gearán, fuairis comhthrom ar chaithis.

cnáimhseálaidhe: *f.4.* duine a bhíos ag gearán ar a aiste nó ar an ndéanamh do gheibheann sé. Ar chur an bhídh ar an mbórd di d'aithnigheas ar an gcnáimhseálaidhe gur

dhoicheall léi me do bheith istigh ar feadh a chaithte a's bhuaileas amach: í bheith ag gearán nó ag tabhairt éachtainte ná raibh a ndóthain féin ann bac lé cuid do thabhairt dom-sa. Cnáimhseálaidhe siopadóra ná tabharfadh luach scillinge ar iasacht gan bheith ghá chur in iúil go raibh sé scriosta ge cáirde: duine sprionnlaithe.

cnaipe: *f.4.* geall beag cruinn déanta de mhiotal, de chnámh nó d'adhbhar éigin, lé n-a bhfáisctear ball éadaigh. Is maith ábalta atá sé ar a chnaipe d'imirt: is eól do go rí-mhaith cad is ceart do do dhéanamh chun a thairbhe féin le linn gábhtair. Ní fiú cnaipe gan chos thu (ní thabharfainn cnaipe gan chos ort): ní fiú faic tu. "Cnaipe gan chos", ní féidir áis do bhaint as. Nuair chonnac ag déanamh orm é agus an scian ar leathadh aige chun mo sháidhte, dubhart im aigne féin go raibh mo chnaipe déanta: go raibh laetheanta mo bheatha istigh: go raibh deireadh liom aige. "Seadh, tá an cnaipe caithte anois", ars an t-aire nuair bhí cath fógartha aca ar thír iasachta: táimid tagtha ar chómhairle nách féidir dul 'n-a chois ach dul ar aghaidh leis.

cnaipín: *f.4.* cnaipe beag, meall bheag, truaghán. Léan id chnaipín!: léan ort, a ruidín shuaraigh gan puinn toirte.

cnaist(e): *b.2.* bata trom, téagartha, cnapán mór, téagartha. Chuir sé síos cheithre chnaistidhe uibh do féin agus d'ith: uibhe móra, maithe. Nách teann, láidir an chnaiste fir é, na guailne a's an drom atá aige: an "cnapán fir": fear déanta. Is maith na cnaistidhe prátaidhe do baineadh as an ngort san: prátaidhe toirteamhla, ramhra.

cnaiste: *f.4.* taobh leabthan. Suidh ar chnaiste na leapan: an clár a bhíodh lé taobh leapachaibh adhmaid chun an éadaigh do choimeád isteach.

cnámh-: *i gcomhfhocalaibh* Duine cnámhdíomhaoin ná feacas rann ná sluasad 'n-a láimh riamh: duine róleisceamhail: leadaidhe. Aimsir chnámhdíomhaoin seadh an geimhreadh ag na feirmeóiridhibh – ní bhíonn puinn lé déanamh aca. Bíonn sé i ngach sochraid agus ar gach aonach a's margadh, is é atá cnámhdíomhaoin chuige sin: gan aon chúram air, nó dá mbeadh aige gan fonn a dhéanta air. Duine cnámh-altach go bhfuil neart capaill ann: cnámha láidre ar a shnaidhmeannaibh. Bean chnámhchaol, chruaidh go raibh fuinneamh nimhe innte ag cur an bhóthair di: éadtrom-ghéagach.

cnámh: *f.3.* an t-ádhbhar daingean láidir a ghníos féithleach ainmhidhthe agus duine. Níl an cnámh fé chun fir mhóir do dhéanamh do: níl an fonnadh nó an "fráma" mór aige. Rug sé ar chnámh righe orm: an cnámh idir an crobh agus an chuisle. Beir ar chnámh mhuiníl air: an cnámh ón gceann síos go dtí an corp idir na guailne. Brisfead do chnámh muiníl: an cnámh idir an cnámh droma agus an cúl. Briseadh cnámh mo shliasta: cnámh mo chromáin. Tá tinneas i gcnámh mo leise: mo cheathramhan: an cnámh síos ó ubhall mo chromáin. Briseadh a chnámh droma: an príomhchnámh lár slighe ó árd tóna go muineál. Ara, dar mo chroidhe don diall, go gcuirfead an scian so go cnámh ionat: go fairc: isteach ar fad. Níl aon ghaol mar ghaol na gcnámh: gaol fola: den threabhachas chéadna. "Cad é an gnóth a bheadh agat dem sheanchnámhaibh?", ars an bhean tonnaosda leis an bhfear go raibh fonn a pósta air: seanchorp. Éirigh suas dem sheanchnámhaibh: ná bí ag luighe ar mo chorp tuirseach. Níl ionam ach na cnámha 'e cheal deaghchóraidheachta: níl aon

fheóil ná maotháin orm is fiú d'áireamh. Chogain sé ón gcnámh go dtín smior é agus ón smior go dtín smúsaigh: isteach ar fad idir chnámh a's uile. A thiarcais! na cnámha atá fé Sheán, an oiread go léir: na géaga fada, láidre. Ar thuiteam den bport orm mar a rabhamair ag taighde, shaoileas nár fhág an coiréal cnámh im chorp gan briseadh: an uile phioc díom. Is i nganfhios dod chnámhaibh-se atá obair an tighe seo dhá dhéanamh: gan aon iarracht chabhartha uait-se. "Sin cnámh agat a's cuir féin feóil air": sin rud rómhat amach a's cuir féin feóil air: ní bhfaghair aon chabhair uaim-se. "Do chnámha!" a deirtear lé duine a ghníos gníomh ionmholta, nó "mo ghradhain do chnámha". Dhe, gheóbhad cnámh eatartha: gheóbhad ádhbhar éigin lé n-itheadh 'n-a measc. Thugas me féin amach ón gcnámh: thugas a raibh ionam: luigheas orm féin go dtí ná raibh a thuilleadh ionam. Chuireas an eadáil suas ar an gcnámh: cnoc go mbíonn mullach air mar bheadh maide droma buaice an tighe. Cuir isteach na cnámha (cnáimhínidhe) as na claiseachaibh anois go bhfuil an t-aoileach leathta: na bruibínidhe a fágtar idir dhá fhód na n-iomairidhe d'fhonn go mbeadh breis fhairsinge sa chlais. Ní shnámhfadh long annsan tá cnámh (tanaidhe) ann: scairbh ná bíonn puinn uisce uirthe. Cnámh Chinn Sraithe, Cnámh an Earbaill, Cnámh an Bhealaigh (idir an Blascaod Mór agus an mhíntír). Ní dhéanfair seanchnámha, is eagla liom: ní mhairfir lé bheith sean. Duine gan chnámh seadh é, a bhroiceas lé tarcaisne: duine gan speach, gan phreab.

cnámhach: *a.* do chnámhaibh móra, acfuinneach. Fear cnámhach do b'eadh Seán Fada, ní mór ná go mbuaileadh a cheann ar shíneáil a shiopa: cnámha fada fé. Má tá sé lom féin tá sé cnámhach: cnámha maithe, righin, caol-chruaidh.

cnámhaire: *f.4.* scafaire. Cnámhaire gur bheag aige púnt do chaitheamh le scléip: fear éadtromchroidheach. Ina óige dho, cnámhaire fir dob eadh é, nár thug a chúl d'aonne riamh: fear croidheanta.

cnámhfhód: *f.1.* an fód a fágtar idir dhá iomaire d'fhonn fairsinge do thabhairt don gclais ar mbeith don dá fhód a hiompuightear isteach treabhtha. Fágair do chnámhfhód róleathan a's beidh do chlas róleathan dá réir sin.

cnámhghoin: *b.3.* gortughadh géar, sníomh (croidhe). Budh mhinic nuair bhíodh na báid amuigh thar na tráthaibh agus fiadhantas ar an muir go mbíodh cnámhghoin ar mhuinntir na bhfear sa bhaile: sníomh, eagla a's buaidhreamh aigne. Chuaidh scolb im mhéir, amuigh 'n-a súil, agus maran mise do fuair an chnámhghoin, an teas isan phriocadghail ná leigfeadh codladh orm: gortughadh déaghair.

cnámhghonaim: *b.a.* gonaim go tinneasach. Beidh bacaighe lé n-a shaoghal air, mar cnámhghonadh sa bhFrainnc é: cuireadh créacht i gcnámh leis. Cnámhghonfad é chómh mór san ag casadh a bhearta sprionnlaithe leis, go gcaithfidh sé an ball do thréigean: bead ghá chiapadh i slighe go ngoirteóchaidh mo ráidhte é.

cnámhmór: *a.* do chnámhaibh, ghéagaibh toirteamhla. Ainmhidhe cnámhmór seadh an capall: cosa a's cnámh droma láidir fé. Ní maith liom bean chnámhmór: bean go mbíonn a géaga rómhór.

cnámhradh: *f.1.* na cnámha uile. Chaitheas cnámhradh na proinne chun an mhadra agus dob áil leis é: an chnámhthairt: an fuighleach feóla. Nuair thagann eascail an gheimhridh séidid an ghainimh de chnámhradh na Spáinneach ar an dTeampall Bán [duimhch ar shleasaibh Chuain Árd na Caithne idir Bhaile an Rannaigh agus na Cluainte, mar ar adhlacadh cuid mhór des na Spáinneachaibh a chaith an mhuir isteach ann tréis áir Railí ortha i nGort na gCeann (gort i bhfearann Bhaile Árd na Caithne)] agus bíd annsúd lé feicsint 'n-a gcúil.

cnámhthairt: *b.2.* fuighleach cnámh mar bheadh tréis béile bídh gan puinn feóla ortha: séithleach: duine gan ann ach "an scrogall san t-iogán". Cad gheibheann an cailín aimsire ón gcnáimhseálaidhe ach an chnámhthairt, is fada go bhfeaca sé stéig mhairt ná gríscín chaoirfheóla ar an bhfriochtán aice: an fuighleach ná bíonn ann ach na cnámha loma. Ní fheadar cad tá ag teacht ort, mar mhnaoi, níl ionat ach an chnámhthairt, caithfir úsc ae thuruisc do chaitheamh chun bláthais éigin do chur ort: séithleach atá ionat: níl ionat ach cnámha a's croiceann. Chaithfinn chun na madraidhe thu mar chaithfinn cnámhthairt mo phroinne! sin é meas atá agam ort: na giotaidhe beaga a fhanfadh i ndiaidh mo sháithte. Ar an gcnámhthairt do gheóbhaidh an mhuc, beag nó mór, seadh bheidh feóil uirthe a's cáilidheacht innte: graimirisc bhídh.

cnámhthairt: *b.2.* do thraochadh, traochadh, diúgadh, do chrúdhadh, do shughrac. Léan ort, caith uait cnámhthairt na pípe sin a's cuir sálóg fiú amháin innte: ag súghrac uirthe a's gan dadamh innte. Fuaireas cnámhthairt ón dtóir, go moch ar maidin, go déidheanach um thráthnóna, ach ní rugadar riamh orm: traochadh, suathadh, tóir dhian a choirfeadh duine. Dá mbeinn ag cnámhthairt na bó go maidean ní bhfaghainn uaithe ach an snioga san, dá mhéid duaidh crúidhte chuirfinn orm.

cnámhthairtiughadh: *f.* (*-tighthe*) Caitheadh tamall fada Éireann ag gabháil den dteine mar bhí an brosna tais sar ar dhein sí cnámhthairtiughadh: sar ar las sí, ná dhearguigh sí.

cnámhthartaidhe: *f.4.* duine lom, árd, scaguighthe (scagtha). Nár dhiail an cnámhthartaidhe duine é, an fhaid go léir a's an síneadh géag a bhí aige a's gan luid feóla air: árd, caol, lom. An bhfuil a fhios agat connus mar atá an cúrsa, déanfad mara seachnair tu féin, mionramh díot, a chnámhthartaidhe: a rud chaoil, aoird, gan acfuinn géag.

cnámhthartáil: *b.3.* do dhul chun cinn go mall, righin. Beidh an teine ag cnámhthartáil léi, ach í d'adughadh i gcóir na proinne: ag lasadh a's ag deargadh, gan aon deabhadh léi. Bím ag cnámhthartáil sa ghairdín tréis mo lae san oifig: ag mionobair. Bí ag cnámhthartáil leat ar an mbealach agus tiocfadsa suas leat míle nó dhó ó bhaile a's gheobhair marcaidheacht uaim: bí ag gluaiseacht ar do shuaimhneas. Siubhlaidhe bocht, tinnchosach a bhuail liom ag cnámhthartáil an bhóthair a's thógas a chos de: ag trostghail go haindeis.

cnaoi: *b.4.* caitheamh, an eitinn. Dubhairt an dochtúir liom go mbeadh cnámh a shrón ag cnaoi ann i gcionn mí eile mara mbeadh gur gearradh an t-adhbhar a bhí air: ag caitheamh: ag dreódhadh. Sin iad a chlann dhá chailleamhaint, duine ar dhuine, ag an

aicíd mhilltigh, an cnaoi ó phréimh ionta: an eitinn ó dhúthchas. Bead ag cnaoi liom anois leis an aois, ar nós an tseanchéachda go n-itheann an mheirg cois claidhe é: ag caitheamh: ag seargughadh: ag dul chun deireadh. Tháinig an mheirg air dhá chnaoi, gur thuit sé as a chéile: ghá chreimeadh: an sceódh amuigh ag imtheacht de diaidh ar ndiaidh. Nách me do fuair an cnaoi ón ndiall slaghdáin sin a's gan é orm ach seachtmhain!: an traochadh: an dalladh.

cnaoidhim: *b.a. 7 n-a.* tomhallaim, ithim, caithim, creimim. Chnaoidh sé go mór ins na laetheantaibh deiridh: chaith sé a's lom sé. Táir cnaoidhthe go maith, a fhir bhoicht, tréis do thréimhse sa dúthaighibh teódha: caithte, croithte. Chnaoidhfeadh sé a bhfaghadh sé, lé feabhas a ghoile: do thomhalfadh sé: d'íosfadh sé. Chnaoidh franncach an t-úrlár, ag déanamh puill do féin: chogain sé, do chreim sé an t-adhmad. Cnaoidhfidh an céachda má fágtar amuigh fén sín é: tuitfidh as a chéile lé meirg. Ón lá a fuair a fear bás, chnaoidh sí léi go dtí nár fhan ann a samhail i ndeireadh dála: chaith sí a's lom sí.

cnaoidhte: *a.r.* caithte, seirgthe, traochta, díthnirt. An aindeise agus duadh an tsaoghail go bhfuilim cnaoidhte aige: curtha ar lár gan bhrigh. Ocras agus tromobair sar ar fuascladh é go raibh a chroidhe 'sa aigne cnaoidhte aige: claoidhte, tugtha amach: gan a thuilleadh brighe ann. Níl ionam cos ná lámh do chorruighe, táim cnaoidhte: gan tapa.

cnaoidhteach: *a.* creimtheach, ithteach. An galar cnaoidhteach so im lár atá ghom thuargaint lé bliadhain nách leigheas liagh ná luibh air atá ghom chur chun báis: galar ithteach, marbhthach.

cnaoidhteacht: *b.3.* tnáidhteacht, coirtheacht, claoidhteacht, tréithlaige. An chnaoidhteacht a thug an bhreóidhteacht dom níor fhág sé brigh an speáin ionam: an marbhadh a's an traochadh a fuaireas uaithe. Lé n-a chnaoidhteacht 'e cheal bídh ar an oileán síon-theanntuighthe nuair tugadh fóirthint air ní raibh ann seasamh: an claoidhe agus an neamhacfuinn a lean é.

cnaoiste: *b.4.* an bhruth (an allait, an mhais, an meádhchan) thámhaighe: duine 'n-a stalca mar bheadh ó bhuille: ainmhidhe beathuighthe, tromchothuighthe. Cnaoistidhe móra beithidheach ná féadfadh chúig mhíle bhóthar do thaisdeal lé toirt a's feóil do chothuigheann tailte Chill Dara a's na Midhe: ainmhidhthe saille. Fuaireas 'n-a chnaoiste chois an chlaidhe é gan chor as, b'é mo dhóthain cúraim é do thógaint: 'n-a charn aindeis, do-iomchair. Dhein sé cnaoiste dhíom le buille 'e mhaide, go ceann uair an chluig níor tháinig sruthmheabhair dom: pleist gan anam.

cnap: *f.1.* (*iol.* –anna) meall, bruth, geall, liathróid, "studa": clais, ballcán, allait chruinn thoirteamhail, buille. Bhuail sé le cnap 'e dhorn sa tsúil me, a's dhuibh (dhubhaigh) í: buille daingean diachrach. A luaithe a's shíneann ar leabaidh tuiteann 'n-a chnap (chodlata) a's ní dhúiseóchadh úird mhuillinn an iarainn é: 'n-a phleist, (mheig) shuanmhar, shranntarnaighe a's sáimhe. Ní bhainfeadh sé a hata dhe ar Éirinn, mar tá cnap ar mhullach a chinn: meall mhór ag éirghe anáirde. Ní fhéadfainn an doras trom, aindeis do tharang isteach, mar ní raibh cao greama agam, toisc ná raibh aon chnap air: geall: áit beartha air. Rud gan scaoilteacht ná lúth seadh é, nách shin é 'n-a chnap chruinn

é: meall, carn, pleist throm, fheólmhar. An cnap uaireadóra atá aige ní iomcharóchadh asal í!: uaireadóir toirteamhail [uaireadóir, gluaisteán, baininnscin ar nós bád]. An chuma fhiadhain atá air an dá chnap atá 'n-a phlaosc a's an seasamh atá ionta: an dá shúil bholgacha.

cnapach: *a.* achrannach, meallach, do bheith lán de chnapaibh, dualach. Bóthar cnapach a shuadhfadh a bhfuil de ghluaisteánaibh as so go hÁth Cliath: árdanna a's laganna ann, gach re seal: aimhréidh. Gort cnapach go n-oireann do cliath do chur air chun a mhínighthe i gcóir an tsíl. Réidhtigh do cheann, budh dhóigh leat air nár cíoradh ná nár scuabadh é lé bliadhain, tá sé chómh cnapach san: dualach, casta ar a chéile 'n-a shnaidhmeannaibh ramhara. "Téanam", ar seisean, "ag ól, tá mo phócaidhe cnapach indiu": iad borrtha le hairgead! Nách cnapach ataoi indiu, maran deacair labhairt leat!: tuaisceartach.

cnapaim: *b.a.* buailim go fuinneamhail: deinim cuairiscín de, cuirim fadhbanna ar: bailighim lé chéile. As an gcainnt (argóna) dhóibh do chnapadar a chéile ó thalamh: bhuaileadar a chéile go géar, cruaidh. Cnapaimís ár mbeagmhúirlidhe agus ceannuighimís gluaisbhád: cuirimís i bhfochair a chéile ár mbeagán airgid. "Ní chnapfainn é dá leigeadh sé dos na scoláiridhibh eile", ars an máighistir: ní thabharfainn droichíde air. Cnap ar a chéile na héadaighe sin, agus 'on abhainn leo: cas ar a chéile 'n-a gcuairsce iad.

cnapán: *f.1.* árdán talmhan, meall, bachall: aon rud a bheadh mór, téagartha. Beidh cnapán rómhaibh agus ní fuláir díbh é d'ascnamh ar fhearas íseal: árdán cnuic a's nách mór an gluaisteán do bheith ar an bhfearas íseal chun é d'ascnamh. Do thóg an sáile cnapáin ar mo lámhaibh: fadhbanna uisce. Tá cnapán ar thóin na cathaoireach nách féidir liom suidhe uirthe: fadhb bheag: árdáinín. Cnapán de gharsún theann, láidir: buachaill téagartha. Thuit sé 'n-a chnapán i laige: tháinig fanntais air. Cnapán uibh: ubh mór. Cnapán fir: fear teann, téagartha. Cnapán capaill; cnapán ubhaill. Bhuail le cnapán cloiche é a's b'fhéidir go bhfanfadh sé socair: cloch thoirteamhail. Tá cnapáin (phrátaidhe) ar an leabaidh: cnaistiridhe: iad mór, ramhar, deallramhthach.

cnapánach: *a.* do chnapánaibh, snaidhmtheach, fadhbach. Dúthaigh chnapánach seadh Corca Dhuibhne: cnocach: árdánach. Talamh do-shaothair seadh é, tá sé róchnapánach: an iomad árdán ann. Luigheas ar leabaidh chnapánach a bhí ag gabháil suas tríom chliathán: leabaidh go raibh fáibridhe nó cnapanna innte. Daradha cnapánach seadh é ná h-iascann go ró-mhaith, greamuigheann sé a's casann ar a chéile: neamhréidh: tá scruigeanna nó ruic ann. Snáithín cnapánach atá ann, ní maith an ball éadaigh é: ramhar in áiteannaibh de.

cnapóg: *b.2.* tonn maith árd, árdán, túrtóg. Bhuail cnapóg sinn ag teacht treasna an bhealaigh agus thóg an bád lán soithigh d'uisce: tonn go raibh mullóg árd uirthe. Shuidh an mada ruadh ar chnapóig ag dearcadh orm go dána: ar árdáinín talmhan. Cnapóg gur deacair a treabhadh: árdán: cnocán: talamh éirightheach. Sa doircheacht, a's me ag teacht treasna an chnuic do bhuail mo chos ar chnapóig a's leagadh me: ar thúrtóig (éirghe beag sa talamh). Cnapóga slána farraige, níor bhaoghal choidhche dhuit: tonnaidheacha árda righine ná beadh ag briseadh.

cnapógach: *a.* fadhbach, cnocach, éirightheach (talamh nó farraige). Bóthar diail cnapógach nách féidir rothaidheacht air: lán de chnapánaibh: garbh: aimhréidh. Ní mhairfeadh aon bhád ualaigh san bhfarraige chnapógaigh sin: go bhfuil na tonnaidheacha chómh hárd san i gcosmhalacht cnoc beag. Cré chnapógach gur deacair a taoscadh: cré atá ag leanamhaint a chéile go dlúth 'n-a fadhbánaibh cruaidhe.

cnapshúil: *b.* (-shúl, *iol.* cnapshúilidhe) súil bholgach. Léan id chnapshúilidhibh mar an dall atá sé ag teacht ort, ná feicir an rud atá agat dhá lorg os do chómhair amach: súile móra, taitigeacha, budh dhóigh leat, a chídhfeadh aon rud lé n-a méid. An dá chnapshúil a tháinig do nuair bhuaileas chugie isteach gan choinne ná lorg orm aige: d'at a shúile le hiongadh. Tháinig cnapshúilidhe agam ó bheith ghá iniúchadh: d'éirigheadar amach le duadh.

cnapshúileach: *a.* bolgshúileach, ruiththeach, seartha. Ainmhidhe cnapshúileach seadh an girrfhiadh: táid eirighthe amach 'n-a cheann ó phréimh. Fear cnapshúileach go bhfuil scáird ionta aige a chuirfeadh eagla ort: súile móra borrtha, eaglacha.

cnat: *f.1.* sprionnlaitheóir, duine leithleachais. Ní bheinn in aon bhóthar lé cnat ná caithfeadh a's a thógfadh: duine gan chroidhe. Nách tú an cnat agam, ná fágfá cuid den mbiadh is fearr ag duine eile: duine leithleachais: go bhfuil a bhail féin ag teacht idir é agus bail chách.

cnatach: *a.* sprionnlaithe, leithleachais. Budh chnatach an gnóth dho trí deocha d'ól bonn ar bonn a's gan ceann aca do thabhairt do dhuine ná raibh faic aige: leithleachais: gan tuigsint do dhaoinibh eile. Maran cnatach ataoi ná luighfeadh ort féin a's breis oibre do dhéanamh: braiththeach: coigilteach ar do neart, rócheanamhail ort féin. Ná bí chómh cnatach san a's ná tabharfá pingin do mhnaoi déirce: sprionnlaithe: coigilteach.

cnatachán: *f.1.* duine sprionnlaithe, geairrid do féin tar meón: bochtán, cníopaire, cíocaire, stiocaire. Cnatachán a bhailigheas gach aon rud chuige, dá mbeadh a's ná beadh ann ach an cnaipe gheóbhadh sé ar an mbóthar: cruinn, baileach, lán de chuimhneamh ar a mhaireachtaint. Cnatachán mná ná tairngeóchadh greim bídh duit dá mbeidhfeá ag siubhal ar an dtigh ar feadh do bheatha, seadh, agus ocras do bheith ort leis: sprionnlaitheóir cinnte: rud gan chroidhe. Sin é a dhein a dhíobháil díreach, é bheith 'n-a chnatachán: dá gceannuigheadh sé beagán níos daoire na rudaidhe do theastuigh uaidh sa Daingean níor ghábhadh dho dul go Tráighlí a's féach cad d'imthigh air? – a phóca choilleadh: dá mbeadh sé gan bheith an oiread geairrid do féin.

cnead: *b.3.* gnús (ainmhidhe), an anál do tharangt i gcómhchlos mar deintear le tinneas nó brón, do dhéanamh buadhartha i gcómhchlos, preab obann mar dhéanfadh an croidhe lé saothar: tinneas a bhainfeas fuaim dhoimhin as chreat an duine. "Cnead an duine mharbhghonta" (Ezec. XXX. 24): an glór goirtightheach, brónach a sceinneas ón nduine le tinneas: mar thagann cnag as charraig nuair buailtear lé hórd í. An iomad d'ithis tá cnead ionat: fuaim anála trí mhíoshástacht an ghoile gan bheith i ndán an bhídh, trí n-a bhreis, do dhíleaghadh go nádúrdha. Cad a chuir an chnead ionat?: cad bheir duit glór

pras anála do dhéanamh? “Ar chualaídhis gur cailleadh seanduine sa Daingean airéir?” – “ní bhaineann sé aon chnead asam!”: ní ghoilleann sé orm. Bhain gach buille dá bhfuaireas ins na heasnaidheachaibh cnead asam: glór prap anála lé duadh ar mo chreat. Chuiris an iomad ualaigh ort féin, sin é gach aon chnead agat: glór ag teacht go mion tiugh ód anáil a fhoillsigheas duadh agus b’fhéidir tinneas. Ní fada ón bhfear bocht, sin í cnead an bháis ann: an ghnús chruaidh a ghníos an duine le duadh an bháis. Ní fheaca riamh thu, ach cnead éigin ionat, cad atá ag cur as anois duit?: glór anáirde agat ag cnáimhseáil. Cad tá fút do dhéanamh? tá cnead ionat lé faidtheadhlaidheacht ar rud éigin: táir ghod mhaolughadh féin agus rud éigin ag cur ort cor éigin do chur asat féin. Bíonn cnead i muic lé sástacht nuair bhíonn a bolg lán a’s í sínte siar: tagann gnús uaithe go mion minic lé seascaireacht.

cneadach: *b.2.* do dhéanamh gearáin mar gníonn duine agus tinneas nó breóidhteacht air, do dhéanamh gnús, do dhéanamh glóir tapaidh duaibhseamhail anála. An cnoc do bheith rómhaith dhom atá ghom chur ag cneadaigh: ghom chur ag tarangt m’anáile go mion, glórach. Cuir uaim an chneadach a’s buail amach ag déanamh ruda éigin duit féin: cuir uaim an cnáimhseán glórach gan focal: an ghnúsghal. Bhí cneadach an domhain air sar ar thug sé dhom a chapall fiadhaigh ar iasacht: cnáimhseáil: neamhfhonn. Muca móra troma go raibh cneadach aca ag siubhal an bhóthair: a n-anál ag teacht go minic, obann, tric. Ar theacht don ndochtúir bhí cneadach an bháis air: glór an bháis go duaibhseamhail a’s é d’iarraidh a anáile do tharngt.

cneadach: *a.* gearánach, glórchnáimhseánach, gnúsghalach. Níl aon oidhre ort ach muc chneadach, a arcacháin chraosaigh!: leis an aimeón bídh atá caithte agat tá suthaireacht na muice agat. “Connus tá fear bhur dtighe-se?” – “go cneadach, aindeis”: ag gearán lé ceasnaidhe éigin. Is cneadach atá sé ag éirghe dhuit!: duadh nó gearán ort gan adhbhar. Nách cneadach atá sé ag teacht ort teacht linn: deacair. Staighre cneadach é sin, siubhal go socair air, nó dúiseóchair an tigh: staighre giascánach: a dhéanfadh glór ar bheagán cúise.

cneadaim: *b. n-a.* déinim glór anáile neamhchómhshnámhach, cruaidh: tagann saothar orm: cnagaim. Do chnead an corcán leis an dteas: do dhein sé glór obann, cruaidh mar bheadh ar tí briste. Chnead an clár lag fém chois: chnag sé gan briseadh. Chnead an clár lag fém chois: chnag sé gan briseadh. Chnead an mhuc nuair buaileadh stiall uirthe: leig sí gnús chruaidh scórnaighe. Cneadfair fén ualach san beidh saothar ort: beidh t’anál ag teacht go mear tapaidh aimhréidh.

cneadghail: *b.3.* gnúsghal, ag saothar, ochón, gearán doilgheasach. Dá luighead é an scoilbín a chuaidh i gceann mo mhéire dhein sé an oiread san greadta orm go rabhas ag cneadghail aige: suathadh ar mo chorp go raibh sé ag goilleamhaint ar m’anáil. Lé déine an tinnis do bhí air chloisfeá ag cneadghail amuigh ar an mbóthar ón dtigh é: ar gach doig tinnis leigeadh sé glór cruaidh anáile. Rud rólag seadh é. Is beag duadh a chuirfeadh ag cneadghail é: gearán anáile. Táir ag cneadghail anois, go bhfuil do bholg ar a chúinne agat: go bhfuil do dhóthain ithte agat a’s go gcuireann duadh ar do bholg.

cneadh: [**cneádh**] *b.3.* (*iol.* cneadhacha, cneádhacha, cneádhanna) goint, gearb, rud tinn, brón, díobháil mhór shaoghalta. Ceannach na talmhan ar airgead mhór agus a dhíol ar neamhnidh, ar theip dho, d'fháig cneadh lé n-a shaoghal air. Seadh, tá cneadh i rith a marthain anois ar an gcailín bocht agus an straoille díomhaoin do phós sí mara n-atharruigheann sí é: díobháil bhuan: rud ná tiocfaidh sí uaidh. Cuir ceiridhe leis an gcneadh san, tá othar innte: ghearraidh scian me, a dhochtúir: ball íogair tinneas ar an gcneas, mar thiocfadh as at. Fágfad cneadh ort mara stadair agus leigeant dom: goirteóchad thu. Caitheann gach aonne géilleadh dá chneadhaibh féin: aire do thabhairt dos na rudaidhibh a bhíos ag goilleamhaint air.

cneádhach: [**cneadhach**] *a.* goirtighthe, goirtightheach. Nách chuige sin an beaignit chun bheith cneádhach: goirtightheach. An-chneádhach ar fad atáim tréis na bruighine: goirtighthe, leónta: bascuighthe: geárrtha.

cneádhaim: *b.a.* gonaim, goirtighim. Cneádhadh san uisinn dheis é, gur baineadh taobh na haghtha as: gonadh é: goirtigheadh é le foiréigean gur gearradh an cneas nó gur stracadh é etc. Na scolb a éirigh as an bpléascán chneádhadar mo shliasta ar fad: stracadar a's stialladar.

cneádhaire: *f.4.* cíocaire, cnáimhseálaidhe, cníopaire. Bhrisfeadh ar m'fhoidhne bheith ag éisteacht leis an gcneádhaire sin, ar a bhéal níl faic sa tsaoghal aige ach a bhfuil de ghalaraidhibh air: cníopaire: duine a bhíos ghá shíorcháiseamh féin 'sa aiste. Cneádhaire gan anam ná preab nár chaith pingin riamh, lé cruadhas: duine an bhéil bhoicht a's an chroidhe chumhaing ná raibh de phreab ann caitheamh, lé sprionnlaitheach.

cneádhaireacht: *b.3.* gearán, monabar, míoshásamh. Caitheann an cat san an lá ag cneádhaireacht: "míoabha" aige ag lorg ruda éigin le n-itheadh. Ar iarraidh dhom air teacht chun cabhartha linn chrom sé ar cneádhaireacht, ná raibh eaga aige, a's ná raibh sé ar fóghnamh, a's mar sin de, gur éirigheas béal na gclár as: ag gearán a's ag déanamh leathscéil. Fan annsan ag cneádhaireacht ar nós an leinbh scoile: ag pusadhghail a's ag gearán, nách féidir thú do shásamh: cníopaireacht.

cneamhaire: *f.4.* cladhaire, gearánach. Sin é an cneamhaire gur cuma leis iomard ort nó dhíot: cladhaire glic, drochmhaitheasach. Má táir ar tí aon rud do dhéanamh, déin é, agus ná bí id chneamhaire: id rud gan tapa ach a bhfuil de chnáimhseán ghlic agat.

cneamhaireacht: *b.3.* cladhaireacht shuarach. Nár mhór an chneamhaireacht do dul isteach chun an tsiopadóra go bhfuil fiacha aige orm agus a rádh leis me do sheirbheáil go raibh airgead tagtha orm: beart tháir, shuarach: gníomh gan fearamhlacht. Caith an lá ag cneamhaireacht a's ná déin faic: bí ag dúmas ná fuilir ar fóghnamh. Cneamhaireacht budh bhun lé n-a bhás, ní bheadh sé mar sin dá gcuireadh sé fios ar dhochtúir a's ar bhanaltrain a's cuid dár fháig sé 'n-a dhiaidh do chaitheamh air féin ní bheadh fén gcré anois: toisc sprionnlaitheacht croidhe air aire a thabhairt do féin agus a chongbháil ó bhás gan chúis.

cneas: *f.3.* $_{7}$ *2.* an croiceann: coirt: an clúdach a bhíos ar an bhfeóil: cadhal: uachtar (talmhan), deaghfhéachaint: snódh. Dá aosta é nách é atá go deaghaisteach, féach an

cneas atá air, budh dhóigh leat gur ag éirghe a trí bhead sé sé. Bíonn fuinneamh i gcapall ar an aos san agus ní rófhuiriste é do bhriseadh: an snódh: an diall deallramh nádúrdha. Ara, mhuise, is maith an faobhar (altáin, rásúrach) a bhí agat, chuiris cneas na bonóice ort féin: tá do chroiceann chómh saor ó chlúmh a's ó fhéasóig a's bheadh bunóc! Tháinig a chneas féin air ó tháinig sé abhaile, d'imthigh an borradh a bhí 'n-a aghaidh: a shnódh féin: an chuma shláinteamhail a bhíodh air. Ní fheicim do chneas ar aonne: ní fheicim duine chómh dathamhail, deaghfhéachain leat. Téadhamhuigh go maith an t-éadach cnis sara gcuirir ort é ar eagla é bheith tais a's go bhfaghfá fuacht: na balcaisidhe a bhíos buailte léd chorp. Thuit an chuaille cnis as an bhfalla a's b'éigean tosnughadh ar dheilbh airís: an dola budh shia amach aca go raibh an snáithín dhá chasadh ortha. Mo thruagh gan do chneas im aice: gan tú im fhochair (do dheallramh bhreágh: de bhithin tú féin). Pioc cneasa ní fhágaid gabhair ar mionchrannaibh: ithid an choirt díobh. Is buadhartha mo shaoghal ó chailleas mo chéile cnis: mo bhean: m'fhear. Tagann sail chnis ar leanbhaidhibh, salachar mar bheadh carra coirte ar a gceann: cneasuightear (leighistear é lé h-eidhneán brúighte bruithte). Ar a thúisce chidhfeá cneas na talmhan san Midhe d'aithneófá gur thalamh maith é: uachtar na talmhan.

cneasaidhe: *f.4.* duine a leighiseas. Cneasaidhe maith cnámh 'seadh é, deirtear nár tugadh cos bhriste ná géag as ionad riamh chuige nár shlánuigh sé: leaghastóir thar barr. Níl aon chneasaidhe is fearr ar bhreóidhteacht ólacháin ná braon maith suiméarach ar maidin ambáireach.

cneasaidheacht: *b.3.* do dhul i bhfeabhas, do bheith leighiste. Is maith tapaidh an chneasaidheacht í, bhí an t-alt san amuigh mí ó shoin sin é an fear ag siubhal anois air: íceacht. Níl aon chneasaidheacht ionam, is dócha gur ar mo chuid fola atá sé, ní thiocfainn chugham féin ón ngearradh is lugha bheadh orm: níl aon íceacht nó slánaidheacht ag baint liom. Níor mhaith liom aon chneasaidheacht dho bheith agam le cladhaire riamh, pé faid bheadh ag rith liom, d'fheallfadh sé ar ghabháil caoi dho: ní bheadh aon fhonn conbharsáide ná coidrimh agam leis.

cneasbhán: *a.* gealchneasach, áluinndathach. Do bhrághaid (brágha) chneasbhán dár thugas searc: do bhrághaid gheal, dheaghchúmtha.

cneasbhog: *a.* bogchroiceannach, maoth. A chailín chneasbhuig, na mbriathar gcaoin, do thugas searc dod ghnaoi: a chailín sin go bhfuil cneas áluinn, mín ort etc.

cneasghoin: *b.3.* gortughadh, stracadh, stolladh éadtrom. Níl faic ort, is mór an t-ádh atá leat, níl ort ach cneasghoin: níl an gortughadh tar an gcroiceann: níl faic ar an bhfeóil.

cneasta: *a.* séimh, deighmhéineach, caoin, miochair, macánta, ionraic, oireamhnach, cóir. Bí cneasta leis an seanaois, beimíd go léir mar siúd má mhairimíd: bí séimh, deighmhéineach, deaghmhaitheasach léi. Ní mór do leanbh gan aois gan chiall do bheith cneasta leis: lághach, gan bheith dian air: teidhmint do dhéanamh air. B'fhada ó bheith cneasta an diall dochtúra, a's é ghom lannsáil, ghom stracadh a's ghom ionfairt: bheith ag gabháil díom ar chuma ghoirgeach a chuir tinneas orm. Labhair go cneasta má tá cúis feirge féin agat, ná buadhadh an droichmhianach ort: labhair go mín. Scaoil díot an t-

ualach go cneasta, rud soibhriste seadh ualach gloinne: go socair, réidh gan aon ionfairt. Bhíothas chómh cneasta liom i nDún Chaoin a's me ar mo laetheantaibh saoire anuiridh a's go raghad ann airís má mhairim: na daoine mín, cabharthach, réidh ar mhaitheas do dhéanamh dom. Líon tighe chómh cneasta a's ghaibhis isteach riamh chúcha iad súd: chómh lághach, deighbhéasach, deaghmhaitheasach. Bí cneasta ag tógaint mo choise, a bhanaltra, tá sí an-ghoirtighthe: bí réidh tuigseanach. Dá bhfaghainn cainnt chneasta uaidh ghom eiteach, budh chuma liom puinn, ach ní bhfuaireas ach goirgeacht a's tarcuisne: cainnt shíthbhialta: cainnt dheaghmhúinte. Duine cneasta seadh é, a's ní maith leis bheith ag dul chun cocaidheachta leó dá mhéid díobhála atá déanta aca air: duine gan fonn díoghaltais, macánta, ionraic. Cainnt an-chneasta a tháinig uaidh nuair dubhairt sé leat an earra do bheith agat mara rabhais sásta a's a chuid airgid do thabhairt ar ais do: cainnt gur dheacair locht d'fhagháil uirthe. Dá mbeadh obair chneasta aige dhéanfadh sé cnámhthartáil éigin, mar níl sé róláidir: obair a bheadh oireamhnach do. Ó, cad dhéanfadh bean chneasta ach biadh do thabhairt don ocrach: bean dhaonna. Beart chneasta dhuit dob eadh an bhean iasachta do threórughadh ar a heólas: beart chóir mar dhéanfadh duine go mbeadh fios a bhéas aige.

cneastacht: *b.3.* mánlacht, ionracas, macántacht, míonlacht, réidheas. Cneastacht annsan! cuiridh uaim bruighean: socracht iomchair a's réidheas cainnte. Ar chlos na cainnte buirbe don mhnaoi, lé n-a cneastacht d'fhág sí: mánlacht: glaine béas: ionracas aigne. Cé gur thógtha bhí sé, thug sé cneastacht chainnte uaidh a chuir iongadh ar gach duine a chualaidh é: cainnt chiúin gan feirg ná blas díoghaltais. "Ní bhfaghaidh sibh faic uaim-se acht cneastacht", ars an saoiste leis na fearaibh oibre, "ach obair ionraic do dhéanamh": cóir a's ceart. An bhfuil aon chneastacht ag dul ar an aimsir agaibh in Áth Cliath? an bhfuil sí ag dul i míne, i séimhe? Tréis mo chneastachta leis dubhairt sé liom dul sa diall nuair bhraith sé é féin neamhspleádhach: tréis bheith go maith dho agus géilleamhail. Ní mór don gcois thinn sin cneastacht nó déanfaidh sí obair ort: aire agus iondrabháil oireamhnach.

cneasughadh: *f.* (*-uighthe*) do dhul i bhfeabhas, croiceann nó cneas agus leigheas do theacht ar cneadh: feabhas: leigheas. Ní dheaghaidh aon chneasughadh riamh ar an áit gur sádhadh sa bholg é: aistriughadh ó olcas ar feabhas. Raghaidh cneasughadh mór ar an dtír nuair luighfidh sí chun oibre 'n-a ceart: feabhas, leasughadh, biseach. "An mbeadh aon chneasughadh agat do thinneas cinn?" – "tá, ól prugóid": leigheas: rud a dhéanfadh maith. Cneasughadh gan tábhacht ar mharbhadh a mhic trí chéad púnt éirice: leigheas nách fiú trácht air.

cneasuighim: *b.a.* $_7$ *n-a.* tagaim chun cneasa nó croicinn, leighisim: tagann cneas (maitheas) ar rud tinn. Ar chneasuigh do chos fós ón othar gránda, buidhe a bhí innte?: ar imthigh sé agus ar tháinig croiceann slán ar an áit thinn. Cneasóchaidh an t-aighdeidhn sin an gearradh go luath: ní leigfidh sé dho teacht chun othrais a's tiocfaidh croiceann ar an mball. Uisce an dóighte an t-aon rud a chneasóchaidh an chos loiscighthe: a bhainfidh an tinneas aiste a's a chuirfidh an cneas nó an croiceann nádúrdha uirthe airís.

cneasuighthe: *a.r.* leighiste, fé chroiceann nuadh: tagtha chun (chuige féin). "Beir cneasuighthe sara bpósair", deirtear lé duine a bhíos ag gearán ar ghortughadh suarach.

Dá mbeinn ag dul chuige ó shoin ní bhfaghainn aon rud uaidh go mbeinn cneasuighthe fén Nodlaig aige: leighiste: tagtha chugham féin. "Amach leat as an ósbuidéal", ars an dochtúir liom, "táir cneasuighthe": leighiste: níl faic ort anois gur gábhadh dhuit aire.

cneasuightheach: *a.r.* do bheith air (aon chogus nó ceiridhe), goin nó gortughadh do leigheas. Budh cheart do gach teaghlach buidéal den aighdeidhn do bheith ann, níl aon dío-othrais cneasuightheach is fearr ná é: ionchurtha leis chun maitheasa. Deirtear gur cneasuightheach an deoch oíle oileóige lé n-a míne: is fearr chun faoisimh agus feabhasa: chun maoluighthe péine laistigh.

cniog: *b.3.* cnag éadtrom: buille tiugh, tric: glór beag. Chuala cniog ar an bhfuinneóig: buille beag cruaidh, éadtrom. Thugas cniog bheag do, rud a bhí tuillte aige, sa fiacalaibh: bhuaileas buille cruaidh air a bhraith sé. Chuir sí cniog i ngach cupa sa tigh lé n-a liobarnaighe: scoilt ó bheith dhá mbualadh ar a chéile lé neamhaire nó ceal taithighe.

cníopaire: *f.4.* duine sprionnlaithe: cnáimhseálaidhe. Níl cníopaire aca go mbíonn acfuinn aige, agus a stiocas é féin ar an saoghal so, ná gur rabairneach do chaithtear a chuid n-a dhiaidh: duine a bhíos go truaighmhéileach trí shainnt: duine a mhaireas go bocht, ainbhliach, anródhach agus a choigleas tar cnuaisciún gaoiseach. Tháinig sé abhaile ón nDaingean gan oiread agus a bhéal d'fhliuchadh ná greim d'itheadh, an cníopaire, agus airgead thíos 'n-a phóca aige: sprionnlóir: rud ocrach, gorta. Éist! a chníopaire, ach tair nó fan: a dhuine atá ag cnáimhseáil, cad bheadh buaidhte agat lé teacht nó caillte agat lé fanamhaint sa bhaile. Tabhair ubhall don leanbh, a chníopaire: a rud gan chroidhe, go bhfuil do chroidhe i ngach rud atá agat.

cníopaireacht: *b.3.* suaraidheacht, sprionnlaitheacht, cinnteacht. Dhíolas gan chníopaireacht suim gach éilimh a dhein siopadóiridhe orm: m'fhiacha d'íocas go fearamhail, sásta gan aon leisce. Cé cheannóchadh aonnidh uaidh lé n-a chníopaireacht: budh dhóigh lé duine gur ór na beithidhigh a bhí aige seachas aonne eile a's an míofhonn a bhí air scaramhaint leó ar aon luach. Cníopaireacht atá ag cur ort, ag dúmas ná fuilir teann id phóca ná caithfeá faic: cladhaireacht shuarach.

cníosc: *f.1.* caoch ar arbhar. Ní bheidh an coirce go maith tá cníosc sa chraoibh aige: an "bhleaist": feódhadh. A chnísc! an suathadh a bheir orm ameasc na bhfear bhfiadhain ag gabháil orm (focal eighdeánach): dar fiadh! táim buidheach agus bheith scartha leó. "Cuirfead geall leat go mbeadh eagla ort dul ag iomarascáil liom" – "dar cnísc! ní bheadh": dar mo mhóide ná beadh. [Is iomdha duine ar m'aitheantas go bhfuil sé mar nath (focal a leanas do shíor a gcuid cainnte) aige, "dar chnísc" do rádh ag deimhniughadh a mbriathar].

cnisléine: *b.4.* an léine a bhíos buailte leis an gcorp. Nách beag í a chabhail, féach an chnisléine chumhang atá aige: léintín croicinn.

cnoc: *f.1.* árdán, éirghe talmhan, mullóg, maoilin: uain mhór fharraige: cruadhtan; éalaing. Thar cnoc seadh iad, ní aithnighim iad: daoine deóranta. "An bhfuil aon chiall agat? nó an bhfuilir imthighthe chun an chnuic!": ar báine: as do mheabhair. Do shíor ag

tarangt i gcoinnibh an chnuic: gan comhthrom ceart saoghail do bheith ag duine. Cuir an cnoc díot! a chladhaire, nó beidh t'anam orm. Scrios! nó tuitfir liom. Cnoc ort! ná fanfadh socair, maran ort atá an guairneán: máchail ort! fan socair. Shaoileas dá dtuiteadh an cnoc air, nár bhaoghal do a's féach sínte é: nár bh'fhéidir é do chlaoidhe lé n-a neart. Cuirir cnoc ar mo chroidhe, an fuadar atá fút in achrann leis gach aonne: cuirir brón trom orm. "Cnoc ar mar scéal! caithidh uaibh é", deirtear lé rud a bheadh ag dul chun sians nó gur b'fhearr a's gur mhithid éirghe as: léan air. Cnoc uirthe mar scilling, ná bí cáiseamh má chaillis féin í, cad is fiú san?: ná cuireadh sí a thuilleadh buaidhrimh ort. "Nách fear maith é?" – "mo chnoc a's mo cheódh fada dubh! 'sis air ná fuil deallramh an fhir!": mo chás agus is fada ó bheith 'n-a fhear é. Dá gcuirinn an cnoc so thall ar an gcnoc so abhfus do, 'sis mór an chuid a leath, ní shásóchadh sé thu: dá ndéininn éachta móra dhuit, an buidheachas céadna do bheadh agat orm. Cómhairighimís an imirt? "a sé fichead sinne", "a haon fichead sibhse", agus "a cúig déag" an chuid eile; coimeád an cnoc ortha, a pháirtidhe: fan os a gcionn (má fhéadair). Beirt seadh Seán a's Séamas is fada ag dréim lé chéile ach tá an cnoc dhá choimeád ag Séamas: sáruigheann Séamas. An biadh míofholláin do gheibhinn sa charcar ghoilleadh sé chómh mór san orm go dtugainn an cnoc do, tréis gach béile, i gcead 'on chuideachtain: d'úirlicinn é. Chuireamair chun cnuic é ó bheith ag gáiridhe 'sag faoidhfrigh fé a's é ag lorg guth: bhaineamair a mheabhair de: chuireamair le buile é. Is minic do chuir Sasana chun cnuic sinn, ach bhuadhamair uirthe fá dheireadh: is minic do bhuaidh sí orainn agus ruaig sinn ach etc. Bhuail cnoc (farraige) cliathánach an bád agus líonadh faobhar lé faobhar í: uain árdfharraige. Ón stoirm tá an mhuir 'n-a cnocaibh: í ag teacht i gcosamhlacht cnoc: árd, fiadhain, borrtha, eaglach. D'éirigh liom go maith go dtí so, ach tháinig cnoc treasna orm ná féadfainn do réidhteach: cruadhtan: fadhb. Cnoc a's tráigh do chuireann ocras ar chách: obair chnuic (ag gabháil de mhóin) agus obair trágha (ag saothrughadh feamnaighe) meastí gur bh'iad budh dheacra ar dhuine. Dá n-éirigheadh aon nidh obann duit a's ná féadfá é do leigheas déarfá "mo chnoc!" I rith a bheatha is iomdha cnoc curtha aige dhe: cruadhtan.

cnocach: *a.* aimhréidh, go mórán árdán a's neimhionnanacht talmhan. Farraige chnocach sa gheimhreadh adtuaidh ón Mol!: árd, trom, fíochmhar. Talamh cnocach an fheirm atá aige agus í do shaothair dá dheascaibh: géar, éirightheach.

cnocadóir: *f.3.* fear gur b'é a thaithighe a bheith ameas na gcnoc a's 'n-a chómhnaidhe ar thaobh cnuic. Ní mór ná gur cnocadóiridhe muinntir Chorca Dhuibhne uile: ar thaobh na gcnoc is mó do mhairid. Ní tháinig na cnocadóiridhe abhaile fós: na daoine a bhí ag obair ar chnoc, ag fiadhach nó tímcheall caorach. D'aithneófá na cnocadóiridhe in aon áit! (focal táire é seo): na daoine a mhaireas ar shleasaibh cnoc.

cnocadóireacht: *b.3.* do shiubhal chnoc, d'ascnamh chnoc. Rachfam ag cnocadóireacht ambáireach má bhíonn an lá chuige: ag únámh linn i gcoinnibh na gcnoc a's ghá dtaisdeal.

cnocaireacht: *b.3.* ag taisdeal na gcnoc ar suaimhneas. Chuimhneóchadh choidhche ar na sealannaibh aoibhne do chaithinn ag cnocaireacht ar Cheann Sraithe, Chruach Mhárthan, Shliabh an Fhiolair etc.: dá siubhal.

cnocán: *f.1.* ardán, mullóg íseal, éirghe beag talmhan: carnán: cnuasach. Téidhidh amach ar an gcnocán le chéile: amach "ar an mbán": ag troid lé chéile mara bhfeicfidh gach aonne sibh. Bíd ar an gcnocán lé chéile go minic: bíd ag troid lasmuigh dá dtighthibh os chómhair an tsaoghail gan náire. Thug sé cnocán airgid ar an dtigh mór san: mórchuid. Cailleadh na cnocáin lé Seól na Sionainne: na leaga liatha: na mílte mílte púnt. Cá gcoimeádann an cníopaire an cnocán?: cá mbíonn a bhfuil bailighthe go caol bocht aige i gcoimeád? Bheadh cnocán éisc againn dá seasóchadh fearas dúinn: an-chuid Éireann éisc. Cuir an cnocán díot!: scrios! bailbh (bailigh leat). Caith amach ar an gcnocán an corcán briste sin: níl aon áis anois ann a's caith é sa chúil 'n-a gcaithtear gach aon rud gan tairbhe. Bíonn gach aonnidh ar cnocán aige: bíonn sé ag maoidheamh as pé rud is leis go taidhbhseach.

cnocánach: *a.* aimhréidh, árdánach. Dúthaigh chnocánach seadh Corca Dhuibhne: dúthaigh aimhréidh de chionn a méid cnoc.

cnochaire: *f.4.* beagán beag móna, trí nó a ceathair 'n-a seasamh i gcoinnibh a chéile agus ceann treasna ar a mbárr chun triomuighthe: duine nó ainmhidhe connluighthe ar a chéile. Dhein cnochaire de lé déidheanaighe, pé rud atá ghá chur chun deiridh: chas sé ar a chéile: dhein truaghnairt bheag dhe 'e bhreis a's mar bhí sé. Shuidh sé 'n-a chnochaire cois na teineadh ag dul isteach innte ón bhfuacht: casta ar a chéile mar bheadh d'iarraidh é féin do cheilt. Ar mbeith don gcoin ag teacht rogheairrid don ngirrfhiadh dhein sé cnochaire dhe féin anuas ar an dtalamh a's scaoil dá dhruim í!: chruinnigh sé a chorp 'n-a allait bhig etc. An bhfuil an mhóin oireamhnach fós lé cur 'n-a cnochuiridhibh?: chómh tirim sin a's go seasóchadh sí ar a ceann i gcoinnibh a chéile. Fág an áit, a chnochaire! nó buailfeadh lé lasca thu: a rud bhig shuaraigh gan tapadh. Fuair an feirmeóir a chuid beithidheach tréis na hoidhche a's na stoirmeach 'n-a gcnochairidhibh cois claidhe: iad clúmhuighthe chun a chéile d'iarraidh fothana. Dhein fuinneamh an bhuille cnochaire dhíom: lé n-a neart chasas ar a chéile mar bheadh liathróid.

cnota: *f.1.* snaidhm, dual beag órnáideach de ribínidhibh nó adhbhar éigin eile. Chuir sí cnota 'n-a hata go mbeadh breis dheallraimh air: dual ribínidhe. "An Cnota Bán", a bhíodh i mbairéadaibh saighdiúiridhe, budh ghnáth san seachtmhadh aois déag.

cnotáil: *b.3.* do chur lé chéile mar stoca, lé snáthadaidhibh. Ag cnotáil cabhlach uaithne dhom: ag fighe snáithín ólna lé snáthadaidhibh 'n-a bhalcais (bhall) a oireamhnóchadh mo cholaid óm chrománaibh suas. Snáthadaidhe cnotála: snáthadaidhe fada.

cnotálaidhe: *f.1.* duine a ghnídheas stocaidhe etc., d'fhighe lé snáthadaidhibh móra, fada. Cnotálaidhe luath, cliste seadh í.

cnotálaim: *b.a.* fighim balcaisidhe lé snáthadaidhibh. Cnotáil feighre stocaidhe dhom: déin iad. Nách mear na méireanta cnotála atá uirthe. Cnotáil níos dlúithe an chabhail sin.

cnuaisceamhan: *f.1.* feabhas soláthair a's carnuighthe: coigilteacht: tioghmhas bainistighe: fearachas tionnscal: comhar, módh: éirim cúirim a's gnótha. Cuir i gcnuaisceamhan na leabhartha san a's ná fág ar bóiléagar iad: cuir in áit iad a

choimeádfaidh iad. An bhfuil an fóghmhar i gcnuaisceamhan fós agaibh, nó an rug an drochaimsir air?: an bhfuil sé san iothlainn nó bailighthe lé chéile ar fóir? Níl aon teacht thar mhuinntir na Frainnce lé cnuaisceamhan, cuirid an phingin bheag ar an bpingin mhóir ar gach caoi: coigilteach: aireach, do-chaithte ar an méid do thuillid nó bhainid as an dtalamh. Ní feacthas cúbhrán ar a ghloine riamh, níor imthigh pingin uaidh ar bóiléagar ná ar neamhaire a's thug sé a chnuaisceamhan go léir ar bathalach tighe ná féadfadh sé do leigeant ar cíos ná dhíol: an bailiughadh: an deascán airgid do bhailig a's do chruach lé cinnteacht a's aire. Bíodh cnuaisceamhan leat gan bheith sprionnlaithe, agus éireóchaidh leat id shiopa: bíodh slighe dhíolta agus choimeádta fút gan bheith róchruinn ná rórabairneach féd chuid earraidhe. Dá mbeadh an cnuaisceamhan ceart ann ní theipfeadh air sa tsiopa san, a's a mbíodh de bhualadh daoine aige: ar an oiread san rochtairidhe agus bhí aige dá mbeadh adhar (éirim) ceart a ghnótha ann bheadh malairt scéil aige. Cá ngeóbhadh an cnuaisceamhan? ná cuireadh sé aon iongadh ort airgead i mbannc aca: feabhas chun coimeádta: neamhscaipightheacht. B.l. is minic gur cómhainmeacha cnuaisceamhan agus fearachas, gidh gur neamhchoimsighe bhrigh cnuaisceamhan. Coimsigheann fearachas cnuaisceamhan. Taisdealaidhe cnuaisceamhnach; bean tighe chnuaisceamhnach nó fearachais; bainisteóireacht fhearachais; feirmeóir coigilteach (baileach, neamhdhíombaileach). Duine cnuaisceamhnach (baileach, coigilteach): duine sprionnlaithe (gortach). Ní thaithnigheann beartas fearachais an riaghaltais lé lucht cánach d'íoc: bainistighe agus riar chúrsaidhe na ndaoine (an phobail). Fearachas dúthaighe: an bun-eólas a thagras na céimeanna is fabhraighe nó is comaoinighe do shochar nó thoradh ionmhais na dúthaighe, agus na dlighthe a chinneas a riar ameasc na ndaoine dréir a gcéime agus a n-órd. Is coimsighe fearachas ná cnuaisceamhan. Coimsigheann sé cnuaisceamhan agus meádhann sé riar stuamdha (cunaill) cúrsaidhe an phobail uile. Subháilcidhe (buaidh) seadh fearachas agus cnuaisceamhan. Níl i gcinnteacht – rud bailightheach, coimeádtach – tar meón ach dubháilce. Fearachas tighe, riaghaltais, cúirim. Fearachas eagnaidhe (tuigseanach, eólgaiseach); cnuaisceamhan cuibhe (feileamhnach); cinnteacht sprionnlaithe. Sin é cnuaisceamhan na seachtmhaine: an méid atá coigilte tréis chaithte ar theastuigh. Rug sé cnuaisceamhan ón Oileán Úr leis: carn airgid.

cnuaisceamhnach: [**cnuaisciúnach**] *a.* bailightheach, coigilteach, baileach, cruinn, rianamhail, comhshnáthach: saotharach. Fear cnuaisceamhnach a chuireas rud éigin tharais dá luighead é, gach seachtmhain, go dtí i suim na mbliadhan go raibh múirle maith aige: fear coigilteach, ná scaipeadh faic. Cailín cnuaisceamhnach i mbun siopa seadh í, ní gábhadh aon fhaire 'n-a diaidh, go n-imtheóchaidh aon rud n-a roilleach ná ar míórdughadh: cailín go bhfuil adhar a gnótha innte, gurb eól di connus siopa a's cúirimidhe siopa do riar go tairbheach. Budh neamhchnuaisceamhnach uait imtheacht gan ghnóth gan chúram go Lonndain agus do chéad punt do chaitheamh go scléipeach in ionad é do chur isteach 'on bhannc duit féin i gcóir an lae chruaidh: scaipightheach, bog-ghreamach ar do chuid: caithteach go neamhghábhadhtarach. Caithfidh daoine bheith níos cnuaisceamhnaighe ná bhídís sa tsaoghal chruaidh atá ann anois, a's gan puinn do chaitheamh ar chaitheamh aimsire ná shiamsaidhibh: níos airighe ar connus a gcuid do chaitheamh ortha féin. Budh chnuaisceamhnaighe dhom dá gcuimhneóchainn in am air gach leathanach do léigheamh ar a bheith scríobhtha agam ná fanacht go mbeidís go léir scríobhtha: b'fhearr an tslighe chun luas a's luighead oibre é: budh rianamhla dhom é. An

phréamh aitinn do bhuaileadh leis i ngort bheireadh abhaile í chun teineadh; b'shin é an fear cnuaisceamhnach agat!: an duine baileach: go maith chun an tsaoghail. Má tá sé cnuaisceamhnach féin tá sé galánta: má tá sé aireach ar riar a choda níl sé gortach ná cruaidh. An tigh ná bíonn cnuaisceamhnach bíonn thiar air: daoine aon tighe ná hiondrabhálann a gcuid go h-aireach bíonn easbaidh sa deireadh ortha.

cnuas: *f.1.* tiomargadh, bailiúchán, ionmhas, taisce: sochar. Duine gan chnuas seadh thu, ná baileófá chughat do mhaingisínidhe i gcóir: gan aon mhaitheas chun rud do choimeád i bhfochair a chéile nó do chur i dtaisce. Cnuas de leabharthaibh breághtha 'n-a leabharlann aige – dhá mhíle is dócha: bailiughadh maith de bharr saothair fhada. D'imthigh a chnuas lé déidheanaighe mar ná raibh an déanamh ann ag an iomard: a raibh curtha i dtaisce aige caitheadh é ar ghannaidhibh, a's ní raibh an líonadh in ionad an fhollamhuighthe dhá dhéanamh. Bíonn cnuas maith ar Chonntae na Midhe mar árdthalamh seadh é: sochar, toradh, barraidhe. Fuairtheas cnuas an bhochtáin tréis a bháis fuaighte 'n-a bhalcaisidhibh éadaigh agus i bpollaidheachaibh an fhalla: an t-airgead a bhí bailighthe go caol aige.

cnuasach: *a.* bailightheach, saotharach, deaghthuillimh. Duine cnuasach seadh é go mbíonn lámh a's ladhar aige i mórán gnóth a's cúram: duine saotharach go maith chun bailighthe chun a thighe. Dá mbeadh sé cnuasach mar dhuine eile, b'fhuraiste dho airgead tirim do bheith aige, mar is é thuill an mhórchuid: aireach ar a chur lé n-a chéile in ionad a bheith laimhthighiseach. Caithtear bheith cnuasach sa bhfóghmhar d'fhonn bheith ithteach sa gheimhridh: bailightheach.

cnuasach: *f.1.* do thiomargadh, do bhailiughadh, do chruinneáilt; bailiúchán, múirle (airgid), ciste, taisce, ionmhas; filleadh ar a chéile; priocadh (mar toradh, prátaidhe etc.); crobhaing; saghas fáis tanaidhe glasuaithne, tréimhdhearcach nách mór, a gheibhtear ar leacaibh trágha, go mórmhór tráigh ghainimhe, a bheirbhightear 'sa bhrúightear 'sa hithtear. A's an fear bocht ag dul go dtín Oileán Úr shaoil sé go mbeadh airgead lé cnuasach ar an sráid aige!: go dtiocfadh airgead go bog air gan aon duadh. Beidh cnuasach airgid tuillte agat ar obair na mbóithre má gheibhir obair sheasamhach: cuid mhór bailighthe agat. Nár mhór an cnuasach aige é i siopa beag suarach – dhá mhíle púnt!: an bailiughadh agus an cur lé chéile. Thugais cnuasach maith ón nDaingean leat: a lán rudaidhe. Deineadh cnuasach maith do mhuirearaibh na bhfear do bádhadh: bailiughadh maith (airgid). Ní fuláir nó is áidhbhéil an lamhnán lé méid atá agat a's an cnuasach fuail sin déanta agat!: an méid a bhí bailighthe isteach ann. An obair is deachraighe dá rug orm, creid me leis, cnuasach prátaidhe i nDeacóite Thuaidh, me ar chionoibre: ag priocadh: dhá dtógaint den dtalamh a's ghá gcur lé chéile i málaidhibh. Dhá chéad éisc tréis na hoidhche cnuasach róbheag ar a fhaid aimsire: fagháltas gan tairbhe. Mhair sé sa choill ar chnuasach na gcrann a's ar phréadaidhibh inithte: ar chrobhaing nó toradh. Mo ghradhain thu! a's rud agat – is tú an chraobh chnuasaigh!: an té go mbíonn rud maith de bharr do shaothair. Ródhéidheanach aca na seólta do chnuasach nuair bhuail an cóch an bád: iad do bhailiughadh ar a chéile: cor nó cúrsa do chur ionta. Mo ghradhain iad, muinntir na gorta, gheibhidís annso anuas Bóthar na bhFigheadóiridhe 'n-a sluaightibh ag dul ag triall ar chnuasach trágha. Cnuasach an

saghas a fhásas ’n-a scraith: sleamhcán a fhásas ar na báirneachaibh a’s ar na hiascánaibh. Sleaidí seadh iad araon nuair bhíd beirbhighthe oireamhnach lé n-itheadh.

cnuasacht: *b.3.* taisce, ciste. Cnuastacht a bhí ann leis na bliadhantaibh i ganfhios do dhuine: saidhbhreas. Coimeád do chuid i gcnuasacht: i bhfóireamh a chéile a’s gan a leigeant do scaipeadh.

cnuasaire: *f.4.* duine a bhailigheas chun a choimeádta; bailightheóir. Níor leig an sionnach aon chnuasaire riamh amach is fearr ná é féin: aon bhailightheóir. Cnuasaire seancheirteach a’s mionbhruar iarainn, sin a raibh it t’athair!: duine a bhíodh ó áit go háit ag cuardach ’sag árdach leis na nidhthe seo.

cnuasta: *a.r.* bailighthe, cruinnighthe ar a chéile: curtha in aon chúil, charn nó chlais: cruinneálta. Cathain bheidh an leabadh phrátaidhe sin cnuasta agat?: prioctha agus curtha i bhfóireamh a chéile. “Ins an Daingean níor choigil an ceólghol/ Gur ghlac eagla ceannaidhthe an chnósta (chnuasta)/ Dá n-eagla féin níor bhaoghal dóibh sin/ Ní chroinid mná sidhe an sórt san” (P.F.): ceannaidhthe a bhailigheas go cruinn a maoin anuas ar a chéile a’s a thaisceas go cúramach é. Ar a bhfuil d’airgead cnuasta ge Sasana uainn leis na céadtaibh bliadhan dhéanfadh sé cros óir ar aghaidh talmhan na hÉireann: bailighthe, cruinnighthe, snapuighthe uainn (go héagcórach). Cathain a bheidh do chuid fear cnuasta agat?: toghtha agus curtha lé chéile. B’fhearr an seól san do bheith cnuasta as a íochtar, tá an iomad gaoithe ann: cor nó cúrsa do chur ann. “Is maith cnuasta an scata cladhairidhe na siopadóiridhe seo againn”, ars an fear: fé mar bheidís toghtha. Níl aon airgead cnuasta agam, ach a bhfuil de stros orm: aon airgead coigilte a’s curtha tharm agam.

cnuastóir: *f.3.* bailightheóir, cruinnightheóir: cníopaire. An cnuastóir gorta ná raibh luid den éadach riamh air ná leath a dhóthana lé n-itheadh d’fhág sé na leaga liatha ’n-a dhiaidh: “cuid an toightheóra (an sprionnlóra) ag an gcaithteóir”. Cnuastóir éachtach leabhar seadh é, gheóbhadh sé “céadeagar” in áit ná faigheadh aonne eile é: bailightheóir go mbíonn eólas a chúirim aige. Chonnac seisear cnuastóiridhe in aon pháirc amháin: díoghlumaigh: bailightheóiridhe arbhair nó toraidh na talmhan.

cnuasuighim: *b.a.* bailighim, cruinnighim, díoghlumuighim, carnaim, scríobaim lé chéile. Cnuasuigh na prátaidhe ón sioc. Cnuasuigh na hubhla des na crannaibh, táid aibidh. Cnuasuigh na fir i gcóir an chatha. Cnuasuigh na clocha den ngort. Cnuasuigh leabhartha i ngach áit go bhfaighir cao: bailigh, beir lé chéile. Mara gcnuasuighidh tu, ní chaithfir: mara mbíonn rud agat de bharr saothair beir bocht. Cnuasóchad airgead fós: baileóchad é agus cuirfead i dtaisce.

cnuasuighthe: *a.r.* bailighthe, cruinnighthe. Tá gach aon rud cnuasuighthe isteach ges na feirmeóiridhibh: tá an fóghmhar san iothlainn aca. Bhuail sí aniar i rith roimis an ngála ’sa seólta cnuasuighthe ar a slataibh: bailighthe, feistighthe ón ngaoith.

cnuasuightheach: *a.r.* bailightheach, cruinnightheach. Bí níos cnuasuighthighe más maith leat maireachtaint, déin airgead d’aon rud gur féidir leat san go macánta: cuir chun rud do bhailiughadh agus do chur lé chéile etc. budh chnuasuighthighe go mór é ná aonne

den gclainn, bhí a rian air, bhailigh sé airgead, agus an chuid eile bocht: dob fhearr chun soláthair.

cnúbháil: *b.3.* do dhul chun laige, d'fhanamhaint chun deiridh. Tá an capall dubh san ag cnúbháil, tá an marcach ghá mhaolughadh, ní bhuaidhfidh an rás: ag fanamhaint chun deiridh: níl an oiread siubhal dhá dhéanamh aige a's b'fhéidir. De cheal bídh bhíomair ag cnúbháil ó ló go ló, gur dheacair dúinn puinn corruighthe do chur asainn féin: ag lagughadh. Cad é an chnúbháil atá lém chuid airgid san oifig a's é dleachtach lé mí: é dligheach dom: mo cheart é d'fhagháil: dú. Cad é an chnúbháil atá ar Shasana ná deineann réidhteach lé n-ár dtír?: cad é an chonstrabháil? cad é an moilliughadh gan deallramh. Cuir uaim do chuid cnúbhála, ní haon laige atá ortsa ach leisce agus cnámhdhíomhaointeas: ag fanamhaint ar gcúl lé cladhaireacht. Tá sé ag cnúbháil, mhuis: tá sé ag tréigean, ag dul chun deiridh: ag cailleamhaint i neart.

cnúbhálaidhe: *f.4.* duine nó ainmhidhe a bhíos ag ceileabhradh 'n-a neart nó 'n-a iarracht, duine nó ainmhidhe mall, míothapaidh. Cnúbhálaidhe capall ar bhóthar seadh é, ní bhainfeadh aon rud siubhal as: mall, righin. Cnúbhálaidhe aire seadh é, ná déanfadh sé rud éigin cinnte ar son na bhfeirmeóiridhe: aire mall, doghluaiste. Cnúbhálaidhthe iascairidhe ná téidheann ar farraige ach nuair is mian leó: iascairidhe ná cuireann iomad duaidh ortha féin. Ní bheinn ag feitheamh a thuilleadh leat, a chnúbhálaidhe, gléas chun bóthair thu féin!: a dhuine righin a fhanas ar gcúl trí cheal iarrachta do dhéanamh.

cnúbhálaim: *b. n-a.* moillighim go mainíseach (faillightheach). Tréis casta nó dhó as an ngirrfhiadh do chnúbháil an chú, a's bhí an girrfhiadh ag breith uirthe: mhaoluigh ar a siubhal. Cad do chnúbhail an capall a bhí chun tosaigh, féach ar an gcúigeamhadh ceann anois é: cad chongaibh chun deireadh é. Ní mór an mhuinghin do bheadh agam as, chnúbhálfadh sé ort ar a luighead cúise: chuirfeadh sé díombáidh ort, mar ná déanfadh sé a dhícheall. D'aindeóin na tuairme maithe do bhí ag gach duine dho go ndéanfadh sé éachta, chnúbháil sé ortha: theip sé.

cnuchairt: (**cnochairt**) *b.2.* $_{7}$ *3.* do chur i gcnochaire: do bhailiughadh ar a chéile. Táthar ag cnochairt na móna. Bhí sé ghá chnochairt féin cois an chlaidhe ón bhfearthainn: ghá chur féin (cromtha as a chéile) fé scáth.

cnucharuighim: (**cnocharuighim**) *b.a.* cuirim an mhóin 'n-a seasamh chun a triomuighthe. Cnocharuigh tú féin: connluigh tú féin: bailigh tú féin chun a chéile.

cnúdán: *f.1.* saghas éisc go mbíonn ceann cruaidh air agus clipidhe cruadha ar an gceann: duine ná faghfá thoir ná thall le cnáimhseán a's míoshástacht. Léan id cheann cnúdáin: id cheann cruaidh ná glacfadh aon nidh isteach ann. Éist! a chnúdáin, níl sé mar seo ná mar siúd ionat: a dhuine shuaraigh. Cnúdán ná faghfá focal den gcainnt uaidh: chómh cruaidh ina aigne a's bhíonn ceann an éisc úd.

cnúdánaidhe: *f.4.* síománaidhe, duine ná faghfá chun do shásta ar an tslighe go dtí ambáireach. Dá mbeinn ag déanamh margaidh leis, an cnúdánaidhe, go ngeóbhadh an mhuir adtuaidh, ní bhfaghainn thoir ná thiar é!: ní bhfaghainn é chun socruighthe leis. An

ólfair an deoch san, nó ná hólfair, a chnúdánaidhe gan chainnt. Ní bheadh faic déanta choidhche ag an gcnúdánaidhe sin, nách eól do connus breith ar úirlis: duine ná cuireann chun a chuid oibre go fearamhail: síománaidhe.

cnuga: *f.4.* ceann casúra nó fadhb mar é ar an rud; cnapóg, meall, ceann cruaidh; dola; cnapán (óir); borradh nádúrdha nó at ar aon rud. 'Sé an smalcaire droichmhianaigh é, a's sin é cnuga atá air: d'aithneófá ar a cheann – an déanamh cruaidh atá air – go bhfuil an mianach san ann [mar tá ráidhte cheana agam cuireann cómhartha clóidh mar seo in iúil don Ghaedhilgeóir tréithe an duine, an ainmhidhe go mbíonn sé air]. Bíonn rothanna ann go mbíonn cnugaidhe ortha chun beartha ar roth eile 'n-a n-aice: éirghe amach. Bíonn cnuga (ceann) ar an gcnúdán: ceann a thaidhbhsigheas rómhór dá chorp chaol. Dá bhfaghadh sé stiall sa chnuga dhéanfadh sé maith dho: dá mbuailtí ar an gceann é (toisc é do bheith bun-os-cionn 'n-a iomchar). Cnuga mór talmhan amach 'on bhfarraige seadh dún Dhún Chaoin: ceann soifheicse, toirteamhail.

cnugaire: *f.4.* duine nó rud go mbíonn ceann toirteamhail air. A chnugaire gan éifeacht léd ghlór, éist!: a dhuine sin go bhfuil an ceann toirteamhail air, a's gan deallramh céille.

cnuimh: (**cnuig,** *-e*) *b.2.* (-uimhe, *iol.* cnathacha, cnuigeacha) piast chré, tórán: aon tsaghas feithide 'n-a can dúilmhíl: frighe: díomas, drochaigne. Cad í an chnuimh atá agat chugham, go mbír do shíor ghom ithiomrádh?: cad é an míorún nó an t-olc? Níor fhág an chnuimh riamh é d'aonne a dhein aonnidh air: an drochrún: drochaigne: díomas: rud suarach ná fuil caitheamh tuistiúin ann – cnuig cheart: sprionnlaitheóir: rud gorta: bochtán. Tiocfaidh cnathacha san bhfeóil sin leis an mbrothall mara gcuirtear ar salann í: tiocfaidh figínidhe innte, agus lobhfaidh sí. Ag obair atá sé riamh 'n-a chnuig ithreach: "a dhá cheann i gcré": ag gabháil den gcré díreach mar bhíonn an chnuig (chnuimh) do shíor ag ionshnámh tríthe. Fan amach uaim! tá cnathacha ionat!: rud salach seadh tu, tá boladh uait!

cnuimheach: (**cnathach**) *a.* Caora chnathach: caora go mbíd innte. Feóil chnathach. Bíonn feóil so-chnuimheach (chnathach) sa tsamhraidh: is furaiste léi cnathacha do theacht innte gen dteas. Ní lugha liom cnuig ná thu! cuirir fonn aiseaga orm: ar fhéachaint ort tagann déistin bainte leat agam mar thiocfadh do chnuig.

cnúsc: *f.1.* duine déanta, cothuighthe. Cnúsc mná mar thu, is baoghalach atá seadh ort speal oibre do dhéanamh: bean leathan láidir. Ní raibh ann tamall ach an scrogall 'san t-iogán, anois pé rud do dhein sé leis féin tá sé 'n-a chnúsc: beathuighthe, ramhar.

cnúta: *f.4.* duine suarach: duine gearrmhuineálach. Ná bí ag tabhairt aon chainnte dhómhsa, a chnúta, níl aon áird agam ort, mar nách fiú labhairt ná éisteacht leat: suarachán. Ní raghadh an bóna so, uimhir a dó dhéag ar an gcnúta san, níor mhór do coiléar capaill!: ramhar-mhuineálach.

cóbach: *f.1.* codramán, tuata: an faoileann droma duibh (caobach): sprionnlóir: duine doichilleach. Ní háil leis obair, deir gur do chóbhach í: duine gan oileamhaint gur do is oireamhnaighe í. "Feasda ní gairmfear duine laimhthighiseach ar an nduine táir, ná ní

déarfar gur duine bronntach an cóbach" (Isa. XXXII. 5): duine doichilleach, duine beagchroidheach. Mo thuairm gur tigh gan mórán tráchta é, ní fheacas riamh ann ach cóbaigh gan chaitheamh: daoine doichilleacha, cruaidhsparánach. Cómhartha éisc seadh é, cóbaigh (caobaigh) do bheith ar an uisce: faoileann go bhfuil a drom dubh (nílid chómh flúirseach ná na faoilinn eile, ná chómh mór luighthe leis an dtalamh).

cobhsaidh: *a.* (*-e*) daingean, foirtil, seasamhach, cródha, socair, réidh. Ní tógbháil róchobhsaidh an tigh sin, tá pluc air: níl sé tógtha ródhaingean. Déanfam troid chobhsaidh, éirigheadh nó ná héirigheadh linn: go dtín bhfear déidheanach ní staonfam troid mhaith, dhian. Thug sé iarracht chobhsaidh fén ndoras lé n-a ghualainn gur chuir isteach é ag pléascarnaigh: foirtil: léidmheach: neartmhar, fuinneamhail. Tiocfaidh toradh ar iarracht chobhsaidh na hÉireann do bheith saor fós: an iarracht sheasamhach nár maoluigheadh riamh uirthe tríd an treóir. Cloch chobhsaidh sa bhfalla seadh í: luigheann sí go socair. Ní cobhsaidh liom thu chun iontaoibhe do bheith agam asat in obair mhuirearaigh: in obair go mbeadh gábhadh lé misneach agus buantseasamhacht, is eagal liom ná beidhfeá daingean in aghaidh cruadhtain a's anróidh. Fear cobhsaidh seadh é nách furaiste bob margáin do bhualadh air: duine stóinse, stuamdha: duine fuaimeantamhail ciallmhar.

cobhsaidheacht: *b.3.* fuaimeantamhlacht, fuaimeant, cródhacht. Lé cobhsaidheacht fhallaidhe na cathrach ní fhéadfadh gunnaidhe na namhaide aon bheárna do dhéanamh ionta: daingneacht, stóinsitheacht. Ní gan chobhsaidheacht do sheasaimh Éire an ball i gcoinnibh Shasana chómh fada: cródhacht agus seasamhacht.

coc: *f.* (neamhdhiallta) coileach (beag), coilichín coc: coileach beag go mbíonn fonn cómhraic air. 'N-a choilichín coc ar fuaid na sráide nuair bhíonn braon ólta aige, féach cá bhfaghadh sé duine chun bruighne do chur air. Ó éirighis indiu, táir id choilichín coc ar fuaid an tighe: ag gleódhgháil, mar bheadh coilichín ag glaodhach 'sag rith tímcheall go rúiseach, ait.

coca: [**cóca**] *f.4.* cnocán cruinn féir curtha ar a chéile. Airgead! tá sé aige 'n-a chocaidhibh beaga: 'n-a charnaibh. Gan choca gan stáca: iothla dhealbh, deireadh a raibh innte ithte nó gan faic bheith in ao'chor innte. Talamh gan choca gan stáca: talamh bocht ná beadh de mhianach ann ruibe féir ná léas arbhair do thabhairt.

cocaidhe: *f.4.* coileach. "Cocaidhe! cocaidhe!" ag glaodhach air nó ag bagairt air. Nách é an cocaidhe agam é, an mustar atá fé: mar bheadh coileach ag cur a chos go tóirtéiseach: fear láin. "Cocaidhe ó cúc! cá ndéanfad mo nead?/ Dá ndéanfainn sa tráigh í, gheóbhadh na faoileáinn/ A's cocaidhe ó cúc cá ndéanfad mo nead?/ Dá ndéanfainn san tsliabh í, gheóbhadh na fir fiadhaigh í/ A's cocaidhe ó cúc, cá ndéanfad mo nead? etc. etc."

cocaidheacht: *b.3.* troid choileach: comhraiceacht, ionnsaidhtheacht: amhsóireacht, bruidhneacht. Níor chocaidheacht go dtí é, gealtán beag, suarach ag dul chun cocaidheachta, agus fonn a bhuailte air, mar is eólach duit, lé gaiscidheach cuthaigh: amhsóireacht: fonn troda mar bheadh ar choileach lé coileach eile. Tóg aghaidh do chaoraidheachta dhíom, a dhuine mhalluighthe, níl aon fhonn cocaidheachta ormsa: fonn

achrainn ná buaidhrimh lé haonne. Cocaidheacht an domhain uile atá ag Musailíní an aimsir seo lé Sasana: tá sé ghá griogadh chun catha nó chun í do mhaolughadh. Cocaidheacht ar fad atá agat, ní dóigh liom go mbeadh sé de mhisneach agat seasamh le haon fhear budh dhóigh leat ná foidhneóchadh leat: gothaidhe a's geáitsidhe. Tréis na cocaidheachta go léir – cad ná déanfadh sé a's cé hé a bheadh rómhaith dho – féach go bhfuairtheas an fear maith air go bog: tréis an mhaoidhimh, an mhustair a's an bhuailimsciathachta ar fad gur claoidheadh é.

cocaim: *b.a.* deintear cocaidhe dhe. Chocamair an gort indé: dheineamair cocaidhe den bhféar a bhí ar sraith dhá chaoineadh.

cócaire: *f.4.* duine gur b'é a chúram biadh d'ullmhughadh lé n-itheadh. Beir ar chuid an chócaire den mbiadh: fuighleach na proinne, an chaolchuid.

cocaire: *f.1.* brusaire, duine a bhíos ag dul chun cinn leis gach aonne: duine tighearnamhail. A chocaire, go bhfuil do bhéal ar leathadh gan stad, ag teacht treasna ar gach aonne, bí ciúin: a tháthaire, a dhuine mhíochuibhe i ngníomh 'si mbriathar. Gach cocaire aca a thagas isteach ag magadh fém bhacaighe: gach táthaire aca: daoine míbhéasach. Cocaire ná leigeann aonne tharais é sin, ní fearr dhuit a mholadh ná a tharcuisne: duine gan cuibheas béas.

cocaireacht: *b.3.* drochmhúineadh, dosaireacht, táthaireacht. Ag cocaireacht aighnis liom ná rabhas ag scríobh i gceart, a's ghá mhúineadh dhom connus a's gan é i ndán: é go deiliúmhasach ag órdughadh orm. Ní fhéadfainn foidhneamh lé n-a chuid cocaireachta san oifig, ag breith ar leabharthaibh a's ag féachaint ar pháipéaraibh 'sag caitheamh carbhall liom ar an tslighe budh cheart í do riar, gur thugas an doras do: tighearnamhlacht in áit nár bhain leis in ao'chor. Ní bheadh an garsún san feileamhnach don siopa so, bheadh an iomad cocaireachta aige ar an méid cainnte a bhí aige, nuair bhíos ghá agallamh, ar an slighe riarfadh sé féin an áit: an iomad fuadair ar fad agus ceannasachta.

cocán: *f.1.* péac crainn nó blátha: fionnscoth: flós: cromlus: dual a bheadh ar bharr an fháis. Chuir sí cocán ar a cuid gruaige: dual nó snaidhm mhaiseach. Níor shoifheicse cocán ar chnocán lá gréine ná í ag gabháil an tsráid síos fé n-a culaith shuaithinsigh: níor shoiléire. Díoltar bairéid go mbíonn cocáin ar a mullach: dual beag: mab: bábám. I gcocán an mhullaigh a bhuailfeadh an girrfhiadh lúthmhar leat: i bhfíorbharr: san bhfíoríodh anáirde.

cocánach: *a.* dualach, cas, camarsach. "Tá a folt léi ag tuiteam go feóir go cocánach, ómarach, buidhe/ tá lasadh 'n-a leacain mar rós/ a's ar Éirinn ní inneósfainn cé hí" (amhrán): a folt do bheith dualach, toirteamhail: lán duirn i ngach cas de.

cocghail: *b.3.* cocaireacht, fonn troda: dul chun cinn lé duine níos láidre nó níos cliste. An chocghail a lean riamh é, ná leigfeadh carbhall thar a chluasaibh ná gnóth aonne gan cur isteach air, budh bhun lé n-a chlabhsúr do thabhairt do sa deireadh: dhíol sé go daor as a chuid teasardhan tháthairidhe. Bíodh a mhalairt de mheas agat ort féin a's gan dul chun cocghala le geilt tharcuisnigh mar é: dul chun cinn, ar aon raon le gliogaire táir.

cóch: *f.1.*$_{7}$ *3.* siolla oban tréan casta gaoithe: salachghaoth: scalla gaoithe. D'árduigh cóch cnuic an ceann den dtigh: tromghaoth chas, ghuairneánach de dhruim an chnuic. An ghaoth anoir 'sandeas an ghaoth is measa againne, tagann sí 'n-a cóchannaibh ón gcnoc: go hoban, tréan, cas. Tá barra geal ar Bhágh an Daingin ges na cóchannaibh (cóchaibh) de dhruim an Bhlascaoid Mhóir: na scallaidhe salacha, neamhchómhshnáthach. Má thagann cóch ort stollfaidh do sheól. Thóg camachóch os cionn talmhan me: gaoth láidir a tháinig mórdtímcheall orm. Seachain do hata, greamuigh níos fearr é, nó ardóchaidh cóch leis é.

cóchach: *a.* salachghaothach, scallach. Gaoth chóchach í seo orainne, toisc sinn do bheith i mbun na gcnoc: tagann sí 'n-a síneánaibh obana, teanna. Lá cóchach ón bhfarraige: lá scrabhghaothach.

cochall: *f.1.* líon déanta ar nós an mhála, béal a's tóin air, clóca, clúid cinn, matal, clupaid, casal, éide: an mangairle crotal, cáithleach: cuairscín a cuirtear ar an gceann chun go suidheadh callán nó ualach eile go cobhsaidh air: an clúdach a bhíos ar chloigeann an duine: gruaim: buile, báine, díbhfearg: an fionnadh 'n-a sheasamh mar éirigheann ar chat nó ar mhadra: scanán a bhíos ar cheann leanbhaidhe áirighthe ag teacht ar an saoghal dóibh (deirtear gur rud ádhmharach san). Cuir cochall ort féin chun na hoibre nó beidh thiar ort: bí i ndáiríribh 'n-a taobh: múscail tú féin chúiche. Scannruigh an madra me nuair tháinig cochall air chugham: nuair d'éirigh an fionnadh ar a mhuineál, mar bheadh chun beartha orm. Nuair fhógras do go raibh sé ag déanamh díobhála dhom, is amhlaidh do éirigh a chochall in ionad ruda (aithreachas) do bheith air: chuaidh sé chun stráin. Is mór an cochall atá ar an lá indiu: garbh, fiadhain, fíochmhar. Is beag, má bhí aonne, ná raibh cochall chun na nDubhchrónach air: buirbe a's fonn díoghaltais. Cé hé anois ná cuirfeadh mainís na gcléireach so cochall air, táim im staipéar annso gan freastal le huair an chluig: fearg: éirghe iomchair nó mianaigh. Tiocas dóibh ó fhocal go focal go ndeaghadar i gcochall a chéile: go rugadar ar mhullach cinn a chéile: go ndeaghadar i gcómhrac a chéile. Is furaiste cochall do chur air, geallaim dhuit gur neamhfhoidhneach an mac é: ní deacair fearg do mhúscailt ann. Nuair bhíos im gharsún bhíodh cochall breac agam: líon déanta i bhfeirm sparáin, béal leathan cruinn air (tuige láidir tímcheall a bhéil díreach mar bheadh sreang fé sparán), é ag caolughadh as san siar go tóin: fearas mogal. Ní fheacaís riamh cochall ar chat ach mar bhí air: fonn comhraic. Istigh i gcochall a chroidhe bhí gomh aige chugham i nganfhios d'aonne: i gcorplár a chroidhe bhí sé istigh aige dhom: fonn díoghaltais air. D'imthigh sé annsan ar lorg an chochaill dhraoidheachta: brat go raibh fearta draoidheachta ann, agus aonne go mbeadh sé aige go ndéanfadh sé míorbhailtidhe leis. Bíonn cochall ar éide (fallaing) manaigh: clúdach a fhoiligheas a cheann ach an aghaidh. Bain an gráinne as an gcochall: scar an gráinne leis an bhfaighneóig: an clúdach a bhíos air a's é ag fás. Cuir cochall ar do cheann nó iompóchaidh an canna agus doirtfear an bainne: éadach nó eile casta ar a chéile i ndéanamh cruinn chun cobhsaidheachta do thabhairt don ualach. Féach an triubhas do cheannuigh sé sa "chairt", tá sé 'n-a chochall air: tutach aimilithe.

cochallach: *a.* feargach, gliobach, mothallach, purtallach. Budh cheart duit puslach do chur ar an madra san agat, tá sé mós cochallach, a's béarfaidh ar dhuine éigin:

conntabharthach. Bearraidh an ceann cochallach sara mbeidh folt go guailnibh ort: an ceann gliobach. Súile cochallacha nách mór go bhfeicfeá istigh 'n-a cheann iad: fabhraidhe a's malaidhe troma. Is cochallaighe go mór eórna ná coirce: is truime agus is eadh is mó an clúdach ar ghráinne: níos cáithlighe.

cóchta: *a.* salachghaothmhar, trodfhonnmhar. Aimsir chóchta ná féadfá faic do dhéanamh amuigh: gaoth chas ag teacht a bheadh ghod thuargaint. Oidhche chóchta ar an mbóthar gur caitheadh an gluaisteán d'fhágaint ar thaobh an bhóthair: oidhche scallaoideach gur dheacair taisdeal. Níor mhaith liom puinn cainnte do thabhairt do, duine cóchta gan ruthag: bruigheanach.

cocóg: *b.2.* fear go mbíonn a bhean neamhdhílis do. "Cuirfead geall leat", ars an captaen mara lé fear na mná, "go ndéanfad cocóg díot fé mhaidean" (sean-scéal).

cocól: *f.1.* fear go mbíonn fear eile ag siubhal ar a mhnaoi: fear go mbíonn a bhean ghá mealladh trí chlannughadh le fear eile. "Is cuma liom mallacht nó beannacht na baidhbe/ An chaille bhuidhe, smeartha, níor thaithnigh sí riamh liom/ A dtiocfaidh ná a dtáinig ní thógfadh sí m'aghaidh di/ Gur sciobas lé callóid ó chocól na n-adharc í" (amhrán): fear gur deineadh amadán ar a chosaibh de i dtaobh a mhná. Bíonn oiread éada i dtaobh cailínidhe air a's bheadh ar aon chocól gan pósadh: duine éadmhar gan buannacht ar aon mhnaoi. Caipín cocóil: bairéad a fhoillsigheas an t-éad.

cód: *f.1.* geall: méid: dearbhughadh: cuing. Chuir sé an chuing air féin i gcoinnibh an óil ach réab sé a chód, gur chrom air airís: réab sé a gheallamhaint. Thugas biadh a's aoidheacht do gan chód gan dearbhacht: gan urradhas go n-íocfí me. Do chuir a mac mar chód orm, a's me ag fágaint an Oileáin Úir, dul ar thuairisc a sheanmháthar: bhain sé m'fhocal díom dul chúiche: do nasc sé orm é. Ar leabaidh a bháis do chuir sé mar chód ar a chlainn bheith fáilteach roim gach duine deóranta, síothchánta lé cách agus deaghmhaitheach lé fear an ghábhadhtair: chuir sé mar chuing ortha bheith mar sin: bhain sé a lámh 'sa bhfocal díobh.

codail: *módh órduightheach 2.p. uath.* téidhir-se a chodladh: bí-se id thost. Codail nó gheóbhair amach as an leabaidh: thuit dod chodladh. "Fear as so go Tráighlí ní sheasóchadh dhá dhorn (dhá bhuille) liom!" – "codail, a bhuachaill!" (treise na cainnte ar an bhfocal "buachaill"). Codail-se ach go háirighthe, tu féin agus do dhá chéad púnt! Éistear leis an bhfear so go bhfuil an míle aige! bí-se id thost! Fan go fóill, ná codail ar an gcluais sin, chídhfir-se ná beidh ag rith leis an mbuailimsciath seo, atá i reachtaibh gabháil lastuas des na daoinibh, i gcómhnaidhe: ná déin deimhin ded thuairm nó ded dhóchas: ná bí ródhearbhtha it aigne 'n-a thaobh. Codail! táim bodhar ó bheith ag éisteacht leat: éist (an-láidir do ar an áis seo). Nuair bhíodh airgead mór dhá thuilleamh san Oileán Úr déarfadh duine ag cur tíortha eile i gcómhnáird léi – "codladh tíortha eile!": éistidís sin i dtaobh a bhfeabhasa, mar ná fuilid in aon ghaor do bheith chómh maith léi. Dá mbuaidhtí ar bhuidhin déarfá leo, codlaidís feasta!: bíodh deireadh maoidhimh aca.

codailt: *b.3.* (*-alta*) "An bhfuil an t-othar ag codailt go maith?" d'fhiafruigh an dochtúir den mbanaltrain, "mara bhfuil faghadh sé deoch chodalta": mara mbíonn suan air tugtar rud lé n-ól do a scuirfeas mothúilt a shians colna a's incheann.

codalaidhe: *f.4.* duine codlatach. Dhúiseóchadh aon ghlór é, codalaidhe éadtrom seadh é. Is é an codalaidhe sámh é dá gcloisfeá a shrann anáirde aige um eadarshuth: duine go mbíonn tromshuan air. Ná bac glaodhach air, ní haon chodalaidhe é: ní duine é nách deacair leis múscailt an uair is gábhadh.

codaltach: (**codladhtach**) *a.* tugtha do chodladh: suantach. Ó, Dia linn! tá sé a naoi a chlog agus budh chóir dhom bheith ar an obair anois, nách codaltach d'éirigh sé dhom: nách tromshuain do bhíos agus gan múscailt roime seo. Aimsir chodaltach seadh an aimsir cheóidh seo, ní fhágfadh sí aon anam i nduine: aimsir go mbeadh srúmatáil chodlata ag teacht det aindeoin ort.

codaltacht: *b.3.* suanmhaireacht: d'aiste sealadach sosa na sians agus luadair toilteanaigh. Codaltacht a chaill iad, dá mbeadh aon mhaitheasa dúiste ionta ní thiocfadh na saighdiúiridhe i nganfhios dóibh mar thángadar: ar an méid chleatharála a's bhí aca: sáimhireacht, an leagadh corpardha agus sians le codladh. Cuireann proinn throm codaltacht orm agus déinim néal bheag: tromaidheacht aigne a's chuirp. Cuir uait codaltacht más mian leat bheith in am i gcóir na traenach a imthigheas ar a seacht ar maidin: d'aiste bheith id chodladh nó gan bheith braithteach (trí chodladh nó srúmatáil) chun éirighthe.

codaltánacht: *b.3.* do chodladh thar ceart. Budh mhinicighe deireannach ag teacht ag obair é agus b'éigean don saoiste é do bhriseadh lé n-a chodaltánacht: codladh thar tráth éirighthe.

codam: *f.1.* salachar cinn. Nigh an codam as do cheann a's ná bí ghá thosach: an salachar bán a éirigheas de phlait an chinn.

codarsna: *a.* crosta, easaonta, contrálta, contrárdha, gliadhach, coinscleódhach. I lár ar chuala riamh scéal codarsna an uile scéal do chloisim, ní bhíonn aon dá cheann aca mar a chéile: scéalta deifreacha nó a bhíos ag bréagnughadh a chéile. Scrigh sí cúntas codarsna ar obair na scoile: cúntas i gcoinnibh oibre na scoile. Aon rud a dhéanfainn dhéanfadh sé rud codarsna: a mhalairt ar fad.

codarsnacht: *b.3.* aiteas, crostacht, neamh-aontas: freasabhra. D'éirigh sé as an gcamplacht poilitidheachta go raibh sé ag baint leó ar feadh deich mbliadhan, lé n-a chodarsnacht ní réidhtigheadh aon duine aca leis: an fhéith neamhaontais a's freasabhraidh a bhí ann. "Chonnac gamhain, slán mar n-innstear, go raibh dhá cheann a's dhá earball air", ars an fear - "cad a dhéanfadh codarsnacht na nádúra": claontacht ón rud ceart aice. Fiche uair foillsigheadh do go raibh sé mícheart, ach an chodarsnacht atá ceangailte 'n-a chlí ní leigfeadh sí dho géilleadh: ceanndáineacht san mhícheart. Siubhalann scata cailínidhe aimsire ar an dtigh sin ach lé codarsnacht mhná an tighe ní luigheann neach leó: deacracht cóstála léi.

codladh: *f.* (*-dalta* agus *codlata*) suan, do shuan: sos sealadach nó timthriallach, ball na mothála: an aiste a bhíos ar an ainmhidhe nuair bhíonn cleachtadh cómhacht incheann a's cuirp ar scur. Cuir a chodladh an leanbh san, tá sé ag grúntáil (chodlata): cuir chun leapan é. Cuireadh a chodladh i seómra caithiseach mé a's b'é sin féin a ainm. Teasbáineadh dom (treóruigheadh me chun) an áit go bhfaghainn codladh do dhéanamh ann. Tugadh deoch mhearbhaill do a's thuit sé 'n-a mheig chodlata: dhein pleist gan aithne gan úrlabhradh, neamothail. Ar an bhfuadar atá fé déanfaidh sé codladh lae a's oidhche, sin é tuirse a bhí air: tá gach aon deallramh air ná múscalóchaidh sé go ceann i bhfad. Bás codlata fuair sé, a's dar ndóigh, ní fearrde rud do, ó chonnaic Dia oireamhnach é: bás 'n-a shuan nó ar a leabaidh. Bhí sé n-a chodladh a's ní raibh codladh ach ar leathshúil leis: codladh éadtrom: ag tuiteam dá chodladh dho thug sé iarracht aigne ar dhúiseacht ar am áirighthe nó bheith braithteach (má bhítheas chuige nó ar a thí). Tá an chos so liom 'n-a codladh – ní fhéadfainn í do chorruighe: gan mothúilt, bodhar. Tagann codladh gribhthín im chosaibh a's ar ór na cruinne ní fhéadfainn seasamh: mo chosa gan lúth de dheascaibh iomshruthughadh na fola do bheith ar scur. Deirtear lé duine a chodlas rófhada nó gur deacair a mhúscailt "codladh an tradhna" (ceann des na seacht gcodlatánachaibh): go ndeinir codladh fada. "Táim-se im chodladh a's ná dúistear me": is me atá go beo, im dhúiseacht agus a thugas gach rud atá ar siubhal fé ndeara cé gur dhóigh libh ná fuilim. "An té go dtéidheann teist na mochóirghe amach air ní cás do codladh go headarshuth": fanacht sa leabaidh, codladh nó eile, gan gabháil amach go dtí déidheanaighe na maidne ag breith suas ar an meádhon lae. "Cá bhfuil an fear a bheadh annso uair an chluig ó shoin?" – "'n-a chodladh" – "codladh gan éirghe air! an leadaidhe díomhaoin" – "nár éistidh Dia leat, maran ort atá an drochbhéal": go bhfaghaidh sé bás 'n-a shuan. "Chuirfinnse féin mo leanbh a chodladh ... i gcliabhán óir sa ghaoth dhá bhogadh": chun suain i gcliabhán óirnighthe. Codladh sámh chughat: go mbí suan a's sáimhireacht ort go ham éirighthe. Aonne gur maith leis é, bíodh codladh go tóin aige!: an fhaid is mian. Áirneán go meádhon oidhche sa tigh seo agus codladh go h-eadarshuth: suas lé cúram nó gan é, a's suan siar amach go hárd sa mhaidin: rud ná bíonn faic buaidhte leis. "Codladh! deineann, mhuis, nár chás do, ach codladh an ghirrfhiaidh": "codladh na súl n-oscailte": codladh éadtrom, braithteach. Níl aon rud ag baint codladh (codlata) na hoidhche dhe ach obair, obair: níl aon rud ag suathadh a incheann ach é. Néal chodlata ní leigfeadh glórtha na cathrach orm go ndeachas 'n-a dtaithighe: oiread agus luighe na súl ar a chéile. B'é sin an codladh suaidhte aige, rádhmhaill a's spreabhraoididhe. Chuir sé a chodladh lé buille 'e dhorn é: dhein sé meig de: bhain sé dhe a aithne a's a úrlabhra. Cómhla dhaingean dorais í sin tá an uile thairnge innte 'n-a chodladh: tiomáinte síos isteach san adhmaid tar faobhar i dtreó ná fuil ach go bhfeicfeá é. An stacán cloiche a fuaireas uaidh, is láidir nár mhairbh me, chuaidh sé 'n-a chodladh im cheann!: ceangailte, múchta. B'shiúd é an t-áiteamh gur bh'fhiú dhuit bheith ag éisteacht leis, gach focal gonta ag ár bhfear-ne dhá chur a chodladh ar an ndream eile go léir: dhá chur 'n-a luighe go héifeachtach. An chainnt 'san gleódh a bhí aca sa tseómra budh ghiorra dhom do chuir mo chodladh amugha orm: a chuir me gan suan do dhéanamh: me im dhúiseacht 'n-a thaobh. Seadh, ar nós na coda eile, chuaidh sé a chodladh sa deireadh dá fhaid do mhair sé: fuair bás: d'éag sé. Ní h-eadh ach inns dom connus ná faghadh sé fuacht, aon fhear a bhíodh ag codladh amuigh: fén spéir. Deir garsún beag lé n-a cheaisil (saghas bréagáin go ndéanamh an phéire go mbíonn spiara air ar a gcuirtear ag rinnce í) nuair thógann ar a bhais í, glór

dórdánach aice, ar nós beiche, ag rinnce dhi – tá mo cheaisil 'n-a codladh! Gnáiste róchruaidh don mbóthar seadh na clocha san, ní raghaidís choidhche a chodladh ann: ní shúngcálfaidís ann chun uachtair do thabhairt air. Dá mhéid ataoi as do mheabhair 'n-a dhiaidh ní raghair choidhche chun codlata léi: ní raghaidh sí ar aon leabaidh leat (ní phósfaidh sí thu). Téidhir a chodladh anois ar feadh tamaill, tá speal mhaith déanta agat: tabhair sos duit féin, tá sé tuillte agat as an méid atá déanta agat. Tá muinntir na háite seo 'n-a gcodladh, tá cránta lé fagháil in aisce ón Riaghaltas a's ní fheadair aonne annso a lithéid bheith i dtreis: níl críochnughadh, cur chun cinn ionta nó faire a leasa.

codlaim: (**codluighim**) *b.a.* 7 *n-a.* déinim codladh, suan. Ná codail amach an mhaidean nó beir deireannach ó obair agus is tinn duit: ná codail thar ceart: dúisigh in am. "Ná codail ar an gcluais sin", a deirtear lé duine go mbíonn anndóchas aige as dhuine, rud nó chúrsa éigin: b'fhéidir go mbeadh breall ort as do thuairm (bheith ar do chluais seadh bheith id chodladh shámh de bharr sástachta aigne a's ceal buaidhrimh). "Fear maith seadh é" – "sin é an fear a chodail amuigh": an fear gan puinn tairbhe, ná ráinig leis a thigh féin do bhaint amach i gcóir na hoidhche nó ná raibh áit bheith istigh aige. Duine ar fóraoil, duine ná fuil oireamhnach don rud atá roimis, nó ná beadh crích ná bail go deó air. Codail! a's ná bím ag éisteacht leat ag cur tharat, mar nách eól duit cad ar go bhfuilir ag cainnt: bí id thost: éist, mar ná fuil brigh ná deallramh leat. An amhlaidh do chodlóchair ar an mbóthar? corruigh tú féin: táir anmhall, anrighin: an bhfuil aon fhonn luathuighthe ort?

codlatánach: *f.1.* duine a bhíos tugtha do shuan fhada, éan nó ainmhidhe a chaitheas an geimhreadh 'n-a shuan. Nár neamhnáireach an codlatánach é go síneadh sé treasna sa bheárnain 'n-a chodladh ar an eadáil do choimeád as foghail, níos túisce ná fhanfadh sé n-a dhúiseacht ghá faire. Dar mo leabhar gur ceann des na seacht gcodlatánaigh é má tá sé 'n-a shuan fós: ceann díobh so a thugas an geimhreadh i dtoirchim gan bhiadh gan dhigh.

codram: *f.1.* ionannas, comh; coimheas. Duine gan chodram seadh é, nuair budh mhaith leat é do bheith agat sin é uair ná beadh: ionannas aigne. "Duine bocht, mise", ar seisean, "agus is beag codram do gheóbhainn ar dhul chun dlighe féin leis an mbodach cuimseach san": comhthrom, cóir, ceart.

codramán: *f.1.* duine tuatach, duine a ghnídheas rudaidhe thar a thuigsint. Codramán bocht ná fuil fios a mhalairte aige, ná tóg aon cheann d'aonnidh bun-os-cionn adéarfadh sé, níl leigheas aige air: duine saonta gan oileamhaint a iomchair air.

codramánta: *a.* gluardha, neamhthíorachais, tuathalach. Budh chodramánta an chainnt bheith ag trácht ar leanbhaidhibh toghartha os chómhair mic toghartha: tuathalach: neamheólgaiseach, neambéasamhail. Daoine codramánta ó bhun na gcnoc iad san gan taithighe ar chómhluadar ná ar choimhdeacht daoine aca, ná tóg aon cheann d'aonnidh tuathalach, neamhchoitcheann do dhéinid: daoine gan tíorachas ortha: gan deaghmhúineadh: gan béascnaidh.

codroma: *a.* ionannach, tráthamhail, timthréimhseach. “Is eagal liom”, ars an dochtúir, go bhfuil maothán do chroidhe fé éigean mar ná buaileann sé codroma”: ar aitreamhaibh cómhfhaid. Bíodh buillidhe codroma agaibh ag bualadh an treaghaire a’s ní baoghal go ngoirteóchaidh sibh a chéile: uanaidheacht thráthamhail: an t-aitreamh (eaga) céadna cómhshnáthach (cómhshnámhach) do bheith idir gach aon dá bhuille do thairngeófí. Deineadh coda codroma den arán eadrainn nuair bhí an ceal ag druideam linn: do roinneadh go cóir ceart é: an oiread céadna ag gach duine a bhí ag brath ar an arán.

cofach: *f.1.* líonruith, dúil íogair: guilm. Is mór an cofach feóla atá air, deir sé go siubhalóchadh sé as so go Tráighlí ar phúnt di!: guilm: fonn neamhnádúrdha. Cuireann a breághthacht cofach orm chúiche: músclann a scéimh mian a sealbhtha ionam. Cad é an cofach atá thall annsúd go bhfuil na daoine go léir bailighthe thall annsúd go glórach?: cad é an gealadhram atá ortha? cad é an dul tré chéile? Cofach air chun troda lé n-a ingnibh: fonn diallta chun troda le haonne go bhfaghadh faill air.

cófra: *f.4.* bosca mór, araid. “Cuir ’on chófra é a’s gheóbhair gnóth de”: cuir i dtaisce é agus lá éigin beidh sé ag teasdáil chun cúirim éigin. Tá sé sa chófra ag an mbuachaill: tá airgead bailighthe aige. Beidh cófra airgid aige i gcionn deich mbliadhan ar fheabhas atá aige dhá dhéanamh: beidh mórán airgid thirim aige. “An bhfuil airgead aige?” – “tá, cófra”: mórchuid. Cuit, a chait! tá do chuid sa chófra: an rud atá uait níl aon dul agat air, tá sé fé choimeád uait. Seo rann a bhíodh againn agus sinn óg, ghá fhéachaint lé chéile cé b’fhearr agus budh thapamhla chun a ráidhte, gan rith focail do dhul air: “dhoirt cearc uisce pic uisce, cois, cois an chófra” (é d’aithris agus d’athaithris gan stad). Cá mbíonn an cófra agat?: cá mbíonn do chuid airgid ar coimeád agat? cá mbíonn an cisde atá agat dréir cainnte?

cogadh: *f.1.* comhrac idir armaibh tíortha: troid: achrann, coimheascar: iomchogadh: comhrac idir áitrightheóiridhe an aon stait nó dúthaighe. Long chogaidh: long nó áthrach armtha a bhaineas leis an ndúthaigh. Cogadh coitcheann: cómhrac idir armaibh dúthaighe neamhspleádacha. An Earnáil Cogaidh: an roinn, fén riaghaltas gnótha, a bhaineas lé riar cogaidh. Cuirfear cogadh ort má théidhir ameasc na sloigisce sin: cuirfid cómhrac nó bruighean ort. Cogadh na bpiléar ní scannróchadh an fear dána san: cogadh na bpiléar ní choingbheóchadh ón áit é: dá mbeidhtí ag caitheamh piléar agus urchar mar bítear ar pháirc catha ní chuirfeadh i ndiaidh a chúil é. Chuirfeadh an duine ait sin cogadh ar an aonach lé n-a mhalluightheacht: níl neach a bhuailfeadh ná go gcuirfeadh sé cómhrac air lé droichmhianach. Beidh sé n-a chogadh eatartha ar an mbaile seo againn nuair beidhfear ag stráiceáil na talmhan mar ná beid sásta leis an roinnt: raghaid chun bruighne agus achrainn ’n-a thaobh. Mara maoluigheann na dúthaighe de bheith ag ullmhughadh agus ag déanamh armála beidh sé ’n-a chogadh chroidhearg eatartha: cogadh trom.

cogaidh: *a. t.g.* ag baint le cogadh, do dheallramh cogaidh, achrannach, trodach. Fear cogaidh, cairt chogaidh. Is mór an fear cogaidh é, ní chuala riamh scéal aige ná gur ar chogadh a bhí, atá nó a bhéas lé teacht. Más fear cogaidh é téidheadh sé ’on arm mara mbeidh cao aige, b’fhéidir, uair éigin ar dhul i gcogadh. Dream cogaidh seadh iad muinntir an cheanntair úd, bíd an uile lá in achrann a chéile mar gheall ar rud éigin dá shuaraighe: bruighneach. Caipín cogaidh: caipín scagach fighte de gheitribh, aoirde an

gheitre ann, a déintear mar bhréagán de leanbhaidhibh; an ceann anáirde bailighthe ’n-a thriopall mar bheadh cnota. Deir Sasana mar leithscéal gur mór an lucht cogaidh muinntir na Gearmáine agus tá an gearán céadna ag Sasana ortha: aicme dhaoine a bhíos do shíor ag beartughadh chogaidh a’s troda.

cogaint: *b.3.* (*-ganta*) do mhionughadh leis na fiacalaibh mar déintear biadh sara sloigtear é: do mhachtnamh: creimeadh. Tá fear ar an mBlascaod go dtugtar “Cogaint” mar leasainm air lé n-a dhúil “scine” (tobac) do bheith fén fhiacail aige. “Bíodh an méid sin anois aige, fágtar ag cogaint é!”: deirtear lé duine a gheibheas an rud a bhíos tuillte aige agus ná fágtar aon an-shásamh air: bíodh sé ag cuimhneamh ’sag machtnamh anois. Bíonn cogaint ar bhiadh sa tigh úd: bíonn biadh ann agus ithtear é. Tá cogaint ar thobac agat: flúirse thobac. Mo mheas air go gcognóchainn é! dá bhfaghainn cao air: go n-íosfainn é! le gráin air. “Cad dubhrais leis?” – “pé rud adubhart ná ná dubhart d’fhágas ag cogaint a chíorach é”: ag machtnamh ar mo ráidhtibh leis. Chómh sásta socair le buin ag cogaint a cíorach: an-réidh mar bhíonn bó ’n-a luighe ag breith an bhídh as a goile aniar a’s dhá chogaint ar a suaimhneas, seascair: ar thoil dhuine féin. “Toisc go mbaineann leathdosaon pilib an gheitire, fé scáth na raithinighe, glór as an bpáirc ’n-a dtímcheall lé n-a nglór siansach céadna faid agus bhíonn na mílte bó ’n-a luighe fé scáth an chrainn daraighe, ag cogaint a gcíorach a’s gan gnús asta athchuinghim oraibh gan a mhachtnamh gurb iad so a ghnídheas breis an ghleóidh aon áitreabhtheóiridhe na páirce” (de Búrca). Cluas mhaith ghéar a bhéarfadh ar a ráidhtibh bíonn sé ag cogaint a chainnte: ag labhairt idir a fhiaclaibh. Ní fios d’aonne ach dómhsa, a bhí ag éisteacht leis, an chogaint a thug sé dhuit: an chúlchainnt gheárrtach. Maith an bhail orm gan é do bheith láidir a dhóthain, dá gcloisfeá ag cogaint fhiacal lé gomh chugham é: ag baint giascáin asta lé buile droichmhianaigh. Táid anshíothach, grádhach le chéile fós, mar nách fada i dtreis a chéile iad, fós beidh an chogaint aca san, níl uatha ach iarraim cúis: an t-easaontas, an troid.

cogair: *2.p. modh órduightheach uath.* (*cogar*) Cogar liom! Éist liom! Tair annso chugham (tá rud éigin le rádh agam ós íseal nó teastuigheann uaim rud éigin do chlos uait). Cogar i leith chugham! cad tá ar do shróin go bhfuil fuil uirthe? freagair mo cheist. Cogar so chugham! ar chualaidhis aon trácht ar connus tá an mhargáintidheacht ag dul ar aghaidh idir Deibh a’s Séambairléin?: tair in aice liom agus aithris dom. Cogar me leat! mara leigir dom mhadra brisfead cuing do mhuiníl: beir id chluasaibh san leat.

cogal: *f.1.* fiadhaile a fhásas ameasc cruithneachta nó aon arbhair, piseán. Ní mór é an gráinne ar do chur, cogal is mó go bhfeicim a cheann: salachar arbhair. “Ach faid chodail fir tháinig an namhaid agus do chuireadar cogal ameasc na cruithneachta” (Maitiú XIII. 25).

cogal: *f.1.* crotal, cochall, clúdach an ghráinne san gcraoibh: cosaint. B’é Piaras (Firtéar) cogal Chorca Dhuibhne: b’é a cosaint é. Aithnighim ar chogal an ghráinne sin go bhfuil sé go maith (an gráinne) tá cruadhacht a’s gléas ann: clúdach, sliogán.

cogamhail: *a.* tugtha do throid, fonnmhar chun cómhraic. Ar an Iodáil atá an chuma chogamhail ag teacht lé deireannaighe, neart a daoine ar fad fé bhuannacht, cath ar an Aibisín, codhnachas na Mara dTrian, connradh le Hitlear, griogadh Shasana an uile

thráth: deallramh chun troda uirthe: fuadar árd chun achrainn. Nuair bhí an saoghal mór ag troid leis an nGearmáin deiridís go gcaithfí í do chur ar lár mar gur aicme chogamhail iad ná fanfadh choidhche socair muna bhfaghadh míniughadh maith an turus san.

cogamhlacht: *b.3.* fonn achrainn a's cogaidh. Ná bíodh Sasana ag cainnt ar thíorthaibh eile, ghá gcáineadh i dtaobh cogaidh, ní gábhadh d'aonne ach amharc ar léarscáil an domhain agus gach ball dearg do bhreithniughadh a's chidhfidh go bhfuil an méid sin bainte amach aice lé n-a cogamhlacht: an fonn chun cogaidh, ceart nó mícheart agus é do dhéanamh.

cogansach: *b.3.* na fiacla agus an carbhal laistiar suas ós na fiaclaibh. Gcloistí an chnagarnach atá ag cnámhaibh 'n-a bhéal, tá an chogansach go maith aige: treó na conganta, an mhionuighthe bhídh. Bhuail sé sa chogansaigh me a's bhain fuil óm fhiaclaibh: isteach sa bhéal. Faid sheasóchaidh an chogansach ní baoghal do: faid agus bheidh muileann meilte maith aige agus fonn ithte air, níl baoghal air. Cogansach mhaith nár mhór duit chun na feóla so: feóil righin.

cogar: *f.1.* éachtaint, focal na faire, do labhairt ós íseal: do ghlacadh cómhairle rúin, do dhéanamh ceannairce; focal ceana; cara iontaoibhe, ruthallach. Éist liom, a chogair, a's bíodh ciall agat, ná bíodh aon eagla ort rómham: éist liom, a bhuidheanach. Éist liom, a chogair! is geal liom do chuideachta, suidh im fhochair go n-ólam braon: a chara mo chroidhe istigh, a rúin, a chumainn. Cogar! éist liom (tá rún agam duit). "Cogar i gcluais a's chualaidh an tigh é" deirtear lé beirt a bhíos d'iarraidh labhairt ós íseal i gcómhluadar: níl aon chall lé discréid eadrainne. Chonnac i gcogar eatartha féin iad i gcúinne den ngort agus buaileadh im aigne láithreach gurbh é mo bhás (me do lámhach) do bhí dhá chur trí chéile aca: i gcómhairle ós íseal. Beirt dá raibh ar ár mbuidhin fionnadh dúinn iad do bheith dár gcogar a's thugamair bás dóibh: ag cómhchabhradh leis an namhaid chun ár ndíobhála. Chuadhadar i gcogar ceilge chun an taoisigh do mhealladh chun na fleidhe, ag dúmas caradais, gidh go raibh an feall 'n-a gcroidhe chun a mharbhtha: rinneadar cómhrún fealltach. Bhí an cogar eadrainn, chómh luath agus ionsófí an baile ón dtaobh thoir aca san, sinne ghá ionnsaidhe ón dtaobh thiar: socrughadh rúin agus cinnte ar sin do dhéanamh. Níl aon chogar sa pharóiste ag an Minigeaig (croidhean atá sa pharóiste seo) ach an Sagart bán (croidhean eile): aonne go mbíonn rún iomlán aige air ach é.

cogar mogar: *f.1.* cainnt ós íseal, do dhéanamh ceannairce, cúlchainnt mhioscaiseach ós íseal. "Fiú amháin", ars an seanduine go raibh a shaoghal millte ag mnáibh an tsaoghail mar deireadh sé féin, "ní fhéadfadh na diaill bheith 'n-a dtost i láthair an aifrinn gan bheith ag cogar mogar ar na cómharsanaibh": ag cúlchainnt 'sag ithiomrádh. "An bhfeiceann tú an bheirt sin anois? d'aithneófá ar an slighe atáid annsan i leathtaoibh leó féin go bhfuil cogar mogar éigin ar siubhal aca": go bhfuilid ag cur rud éigin trí n-a chéile nách maith leó a fhios do bheith ag neach eile; ag beartughadh gnímh éigin. Ná cuir aon nath (eadh) i gcogar mogar na ndaoine, cad bheidh ar siubhal aca id thaobh, éad atá ortha, is mó maitheas ná díobháil atá déanta agat riamh: bíodán drochaigeanta.

cogarnach: *b.2.* do labhairt ós íseal, do dhéanamh ceannairce, do bheartughadh, do thionnscal. Labhair ós árd agus cuir uait an chogarnach, go gcloisfear sibh, ní béasamhail

é i gcómhluadar: an mhionchainnt do chlos eatartha féin. Bhuail an máighistir me i dtaobh bheith ag cogarnaigh leis na rudaidhibh beaga eile a bhí 'n-a suidhe im aice: bheith ag cainnt 'sag déanamh mionghleóidh. Múscail tú féin, a Thomáis, tá earball na h-Inide againn ambáireach, Domhnach na Cogarnaighe: an Domhnach roim Mháirt Inide. Ní fheadar an tsaoghal cad bhí ar siubhal ag an mbeirt, chaitheadar seal mór ag cogarnaigh lé chéile sa tseómra: ag cur ruda éigin rúin trí chéile ós íseal agus i bhfolach. Má chualaidh Sasana féin cogarnach i dtaobh na ngunnaidhe do bheith ag teacht ón nGearmáin béarfí chun cinn iad mara mbeadh ár neamhphraitineamhlacht féin: scéitheachtaint nó éalódh rúin ná rabhadar ródheimhin de. Tréis na cogarnaighe ar fad i dtaobh an mhargaidh i dtaobh na gcúig milliún le Sasana féach go bhfuair gach aonne amach i ndeireadh dála é: an chluthaireacht: an coimeád rúin. Cogarnach connus mar thiocfaimís ar an abhainn chun beartha ar na bradánaibh i nganfhios dos na báillidhibh agus dos na gardaidhibh a bhí ar siubhal againn – cogarnach neamhdhíobhálach: do bheartughadh gluaise chun beartha ortha gan breith ortha féin. "Déineann an lucht malluighthe cogarnach in aghaidh lucht na córach" (Sailm XXXVII. 12). Is binn lém chluais cogarnach sreabh na gcnoc: an síorghlór dórdánach do ghnídhid: cogarnaghail.

cognaim: *b.a.* mionuighim lém fhiaclaibh, creimim: monabaraim, cnáimhseálaim, labhraim go doiléir. "Cogain anois é!" deirtear lé duine nuair chaitheann sé (itheann) sé an iomad d'aon rud d'iarracht a's bhíonn gan é den gcéad iarracht eile: déin gan é! Cognóchair a bhfaghair de! beir ar an gcaolchuid. Chognófá an diall féin a's an bonn bróige sin! (feóil an-righin) do chogaint. Ó fuair sé an taombhuille úd níl a úrlabhra cruinn, cognann sé a chuid cainnte: labhrann sé go neamhshoiléir. Ar aon rud do dhéanfá dho cognann sé: bíonn sé ag cnáimhseán 'sag fagháil lochta dá fheabhas bheidhfeá dho. Chogain sé ó thalamh thu leis an saoiste: dhein sé cúlchainnt ort.

cograch: *a.* ceannairceóir, cúlchainnteóir: leanán. A chograigh, ní scarfainn leat ach oiread a's scarfainn leis an anam, mar is cuimhin liom chlí thú: a rúin, a chailín go bhfuil m'anam a's m'inntin ort. Nuair labhair an teachta dhearbhuigh sé go raibh an chathair lán de chograchaibh iasachtach, gur bh'eol san don riaghaltas, gurbh é a ndualgas láithreach iad do ruagadh mar gur ghalar conntabharthach iad in aon áit: lucht ceannairce, dream gurbh é a n-aigne riaghaltaisidhe do threascairt.

cograim: *b.a.* labhraim ós íseal le, tugaim cluas do, éistim le, iarraim ort éisteacht liom. Cogair chughat é go n-innseam dó cad é an gnóth atá againn de: sméid air agus beir i leathtaoibh é. Chogras i nganfhios do n-a raibh láithreach é go rabhadar ar a thí agus gur bh'fhearr dho imtheacht leis: labhras chómh híseal san leis nár chualaidh neach me ach é féin. "Cogair!" – "cogróchad": "éist liom": "éisteóchad". "Cogar go fóill", ar seisean "mar gheall ar an míothuisgint úd a bhí eadrainn, budh mhaith liom muinnteardhas do dhéanamh leat" – "ní cogróchad, ná an diall é", arsa mise, "chonnac mo dhóthain cheana dhíot".

cogram: *f.1.* bíodán, cainnt shuarach, suainseán, gobaireacht chúlchainnte. Seadh, sid é Tomás chugainn, a's beidh cogram (cogram-mogram) an pharóiste ar fad againn uaidh: cainnt dhíomhaoin na ndaoine ag cur síos ar a chéile: ag itheadh na feóla fuaire ar a chéile. Is deacair liom géilleadh dho go mbeidh Toghadh Coitcheann ann sara fada airís

a's ná fuil ann ach ráithe ó bhí ceann eile againn, níl ann ach cogram páipéar: cainnt gan bhun.

cogubhas: *f.1.* an feart lé n-ar féidir leis an nduine a imtheacht 'sa iomchar féin do bhreithniughadh maidir lé caighdeán éigin cirt nó éigcirt: sians nó feart an chirt. Dar mo chogubhas, ach má ghabhaim greim ar an spreallaire éithigh sin ná stadann de chogram orm go stracfad an ceann as an muineál aige: dar a bhfuil ar eólas den gceart agam. "An tu thóg mo rothar?" – "dar mo chogubhas nách me" – "ní chreidfinn t'anam ach oiread léd chogubhas air": mar ná fuil riaghail chirt ná córach agat. Cad is cogubhas ann? Má tá a lithéid de chómhacht, cad é a feidhm? Deallramhuigheann sé gur b'í seo a feidhm: ár n-iomchar féin do mholadh ná géilleadh dho nuair ghnímíd rud is dóigh linn do bheith ceart agus sinn féin d'imdheargadh ar dhéanamh ruda is dóigh linn do bheith mícheart: ionracas. Ní leigfeadh a chogubhas do díobháil aonne do dhéanamh: an t-ionracas: an tuigsint a bhí aige ar cheart a's éigcirt.

cogubhasach: *a.* ceartaigeantach, ionraic. Ní chamfaidh an fear san pingin ort, tabhair do an rud atá uaidh ar bhreith a bhéil féin, fear cogubhasach seadh é: fear gurb eól do ceart ó mhícheart agus ghníos dá réir.

coibhéis: *b.2.* an oiread céadna: comhthrom: codram. Cuid mhaith agat, dar leat, tá a dhá choibhéis aige siúd: a dhá oiread. "Coibhéis ameasc daoine!" do scread lucht móirthéachta na Frainnce: an ceart céadna 'san déanamh céadna do thabhairt do gach caonaidhe sa dúthaigh, saidhbhir a's daidhbhir, uasal a's íseal. Níl uaim ach coibhéis na coda eile, faic tharais ná fé: an déanamh a gheibheas an chuid eile go bhfuilim i dtreis leó. Coibhéis seadh an bheirt, ní mór go n-aithneófá thar n-a chéile iad: an toirt chéadna ionta.

coibhéiseach: *a.* comhthrom. Ní riaghaltas coibhéiseach a thugas uachtarlann dos na paróistidheachaibh eile agus an paróiste seo dá éagmais: ní rud ceart ná comhthrom é. Aon tír go mbíonn dlighthe coibhéiseacha innte ná go mbíonn a rian ar na daoinibh: dlighthe do riarthar mar a chéile ar íochtaránaibh nó ar urraidhibh na dúthaighe gan leithleachas ná léighe. Aontóchad lé h-aon rud a bheadh coibhéiseach: gan chlaon: díreach, macánta, cóir.

cóibhfiachach: *a.* do bheith an oiread fé chomaoin díolta. I dteannta a chéile do thógamair an nadhbhóg ó roinn an Iascaigh agus nár chóir go ndéanfadh san cóibhfiachach sinn, agus gan bheith ag baint breise dhíomsa: cómhmhuirearach. Chun fearais iascaigh d'fhagháil thug an bheirt againn urradhas go mbeimís mar chóibhfiachacha ag a chéile: go raghaimís fé an méid chéadna d'íoc.

coibhneas: *f.3.* gaol, muinnteardhas: cóimhréidhteacht, cóimhréir. Is beag coibhneas eadrainn dá ngiorracht é ár ngaol le chéile, is annamh labhraimíd lé n-a chéile: muinnteardhas. Ceal coibhneasa do scur sinn lé chéile, ní fhéadfaimís bheith ar aon fhocal ná aon bhóthar: ceal cóimhréidhteachta.

coicthigheas: *f.3.* dhá sheachtmhain nó chúig lá déag. Thug sé coicthigheas fada díreach gan greim bídh d'itheadh lé buile breóidhteachta: coicthigheas agus laethanta 'n-a

theannta. Ná nighfeá na stocaidhe sin, táid salach, nó an amhlaidh is mian leat iad do chaitheamh i gcúl an choicthighis (choicthigheasa): iad do chaitheamh mar a gcaithtear gach aon rud ná bíonn puinn deabhaidh leis nó suime ann. Leis an ngoile atá aige d'íosfadh sé lón coicthighis in aon bhéile: d'íosfadh sé mórchuid: goile aige.

coidreamh: *f.1.* coimhdeacht, caomhnacht, cuallachtacht: conbharsáid: aitheantas: comhluadar: aithne, taithigheacht, muinnteardhas: cómhpháirteachas. Níl aon choidreamh agam ar an bhfear san ach aithne súl, níor labhras riamh leis fiú amháin: níl aon aitheantas, taithighe ar a shlightibh ná ar a mheón. Chuireas coidreamh air ar bórd luinge sa hIndiathaibh Thoir: chuireas aithne agus taithighe air ann. Is fada ar coidreamh mise ag an bhfear san, 'sis beag an mhaith d'aonne d'iarraidh teacht eadrainn: is fada aithne a's eolas aige orm. Ar feadh mo choidrimh ar an mnaoi sin ní fheaca riamh ach go macánta, galánta í: faid is eol dom í agus taithighe agam ar a meón 's a hiomchar. Ar mh'anam nár mhaith liom aon choidreamh leis an nduine sin: dréir na cáile atá air, ní rómhaith an t-aitheantas é: níor mhaith liom aon chonbharsáid do bheith agam leis. Easbhaidh ná ceal ní bheadh síos thar cnoc air, dá mbeadh sé i nganntar, tá coidreamh fairsing síos aige ann: aithne a's taithighe agus baint aige lé cuid mhaith dhaoine ann. Níl cómhacht ar domhan a dheighilfeadh ár gcoidreamh, táimid rómhuinnteardha lé chéile: an dlúthbhaint trí mheas ar a chéile. Is fada riamh go raibh aon choidreamh ar a chéile aca ó bhí dlighe eatartha: aon tsiubhal ar a chéile: aon muinnteardhas eatartha. Abradh gach aonne a rogha rud ach ar an méid coidrimh a bhí agam-sa air ní bhfuaireas aon locht riamh air: ar an méid bainte a bhí agam leis. Ní daoine mór-choidrimh Sasanaigh a bhuailfeadh leat ag taisdeal: ní bhíonn fonn mór cómhluadair ortha. Is mairg don té a chuireas coidreamh na drochchuideachtan, 'sé a dhán aithreachas ródhéidheanach: an té a théidheas 'n-a measc. Ar feadh deich mbliadhan fichead do bhí coidreamh ceannaidheachta idir ár n-atharachaibh araon: i rith na feadha san bhíodar ag ceannach 'sag díol 'sag trádáil go cóibhfiachach.

cóifrín: *f.4.* boiscín, cófra beag. I gceann an chófra mar a mbíodh na hearraidhe díolta aice bhíodh cóifrín chun an airgid.

coigcríoch: *f.2.* (*-ríche*) tír iasachta: dúthaigh thar teórainn. Seanfhocal seadh é gur "buan é fear n-a dhúthaigh féin", ní bheadh aon fhonn coigcríche orm: dul amach as mo thír dhúthchais. Is deacair a rádh an maitheas nó díobháil do Shasana a gcoigcríoch, táid an-scaipighthe, so-ionnsaidhthe in aimsir catha: tíortha lasmuigh, fé n-a smacht. Tiocfaidh an lá, creid me leis, go mbainfidh an Ghearmáin amach na coigcríocha do chaill sí lé linn an Chogaidh Mhóir: a sealbhaintidhe thar lear. Cad í an choigcríoch (coigcrichidhe) go rabhais lé bliadhain ann?: cad iad na háiteanna amach as ár gcoidreamh-ne? Ní lugha ná a fhonn ortha sa taobh thuaidh coigcríoch do dhéanamh d'Uladh: tír iasachta den sciorta bheag san. As choigcrích éigin dob eadh an fear a bhí ghom cheistiughadh, ag cur eolais na háite: ball éigin i gcéin. Ní haon choigcríoch aon áit go raghadh duine de thuras lae: áit i bhfad ó bhaile.

coigcríoch: *a.* ait, deóranta, éagsamhail, neamhghnáth. Caitheadh i dtalamh amhailt éigin coigcríoch farraige a chuaidh de eólgaisidhibh a dhéanamh amach cá cineál do: ait, neamhghnáth. Fuaireas leitir ón Spáinn indé agus dá bhfeictheá an stampa coigcríoch

suaithinseach a bhí uirthe: stampa neamhghnáth, go mbeidhfeá ag féachaint air lé hiongtas. Nách coigcríoch an chuma a bhíodh ar an mairnéalaigh a thagadh i dtalamh annso trí scrios na lachlong?: cuma dheóranta ortha: a lithéididhe ní fheacthas san áit riamh.

coigcríoch: *f.1.* duine deóranta, allmharach, duine iasachta. B'ait an rud dom gan cabhradh lem chómharsain i gcoinnibh coigcrígh iasachta ná feaca im shúilibh cinn cheana riamh roime sin: duine gan aithne gan choidreamh agam. Coigcríoch ní headh in Áth Cliath anois thu, tá eólas na bpóirsidhe go maith agat: ní duine gan aitheantas ná eólas ann thu. "Coigcrígh na daoine go bhfuil na beartanna is fearr fé n-ár riaghaltas aca", ars an fear míoshásta, "cad é an bhuannacht atá aca ar an ndúthaigh seo in ao'chor?": daoine as thíorthaibh tar lear. Ná bíodh aon támáilteacht ort teacht 'n-ár gcuideachtain, ní haon choigcríoch ach duine linn féin, an té seo eadrainn ná haithnighir: duine as áit iasachta: duine ná beadh fáilte roimis. Coigcríoch annso me, níl coidreamh neach agam ann: duine aonarach.

coigcríochach: *a.* ag baint lé dúthaighibh iasachta, in imigcéin: do bheith i gceannas tíortha lasmuigh. Impireacht Shasana, impireacht choigcríochach seadh í, tá seilbh éigin truagh nó tréan aice ar fuaid na cruinne: chómhachtach, sealbhach go fairsing agus go láidir. I lár na hoidhche do lámhach sé an tighearna talmhan a bhíodh ghá chlipeadh a's ghá chrádhadh agus d'imthigh i ndúthaigh éigin choigcríochaigh ar teicheadh leis féin: tír in imigcéin. Tugann an bairéad san ort cuma choigcríochach ort, a lithéid ní raibh annso rómhat: cuma an duine iasachta: thar lear. Cad é mar fhéachaint í seo agat orm, an bhfuil cuma choigcríochach orm: malairt cuma ná feicir ar mhuinntir an cheanntair seo.

coigcríochas: *f.1.* nidhthe do bhaineas le tíorthaibh eile: mianach an choigcríochaigh. Ní duine mar aonne é, tá coigcríochas éigin ann ná gabhann sé féin a's muinntir na háite go maith lé n-a chéile: meón ná feileann don áit ná dos na daoinibh. Ar shlighe éigin ní luigheann a charbhall i gceart air sa bhaile, taithighe an choigcríochais lasmuigh leis na bliadhantaibh is cosamhail is bun leis: comhluadar, béasa a's nósa na ndaoine a thaithigh sé amuigh.

coigcríochta: *a.* neamhdhiallta: ag baint le tíorthaibh thar teórainn, seachtrach, imeachtrach. Is beag é mo thuigsint, agus ar an adhbhar san, is suarach é mo bharamhal ar chúrsaidhibh coigcríochta tíortha eile: cúrsaidhe a's gnóthaidhe a bhaineas lé n-a gconbharsáid lé tíorthaibh eile nách iad. Labhair Aire Chúrsaidhe Choigcríochta Shasana airéir agus d'fhógair ar an Iodáil go raibh an iomad easonóra fuilngthe aige san Muir dTrian cheana: an t-aire gur bh'é a chúram cúirimidhe Shasana mar bhainid lé cúrsaidhibh tíortha eile do riar agus do chosaint.

coigeal: *f.1.* an chuid den dtúirne (túran) go mbíonn an líon feistighthe air i gcóir a snighte: an méid a bhíos bailighthe air: aon bhailiúchán luachmhar. Gach aonne ag cur ar a choigeal féin: gach aonne ag tarangt uisce chun a mhuilinn féin. Mo ghradhain thu, is beag é do choigeal tréis do shaoghail: is róbheag.

coigealach: *f.1.* an méid lín, cnáibe, snátha a bhíos ar an gcoigeal lé sníomh: duine tuathalach, giobalach (fíordhacht). Cuir ar do choigealach: bailigh chughat an méid is féidir leat: cnuasuigh ciste. Bhíodh seanfhocal ag na Franncaigh i ré na righthe, "níor thuit Coróin na Frainnce riamh leis an gcoigealach" gur dhaoine folaidheachta do chaitheadh an choróin. "Ní coigealach i láimh óinsighe é", ní fhéadfadh sé do bheith ag duine is fearr chun a iondrabhála. Tá na rudaidhe sin an-leibideach, an-neamhghasta agat, ná déanfá coigealach díobh: iad do bhailiughadh chun a chéile díreach mar déintí an líon. Chuir an coigealach a ceann amach nuair chnagas ar an ndoras, agus do scannruigh imtheacht a cinn me – dar mo leabhar duit, go ndearbhóchainn nár chíor sí agus nár shlám sí a ceann lé bliadhain: gliobach, aimhréidh as a folt. Fág an áit as san a choigealaigh, ní bheinn ag féachaint ort ag déanamh aon ghnóth a leibide gan chruinneas, gan fuinneamh: neamhchruinnighthe, 'n-a sraoill mar bheadh an líon ar an gcoigeal.

coigealaidhe: *f.4.* bailightheóir, scríobálaidhe, soláthróir maith. Dá mbeadh coigealaidhe im ionad, is dócha, ar ar thuilleas, go mbeadh chúig mhíle púnt sa bhannc aige. Is diail na coigealaidhthe iad a's maireachtaint san mám fiadhain, bocht san: daoine cnuaisceamhnacha. Cuireann gach coigealaidhe aca airgead abhaile um Nodlaig chun a muinntire: clann dhúthrachtach, bailightheóiridhe dian-oibreacha. Coigealaidhe a bhaileóchadh maoin i mullach an chnuic duit, moch, déidheanach ag obair, críochnamhail ag cur na leathphingne ar an bpingin: scríobálaidhe.

coigeartaidhe: *f.4.* fear réidhte. Cuiridh uaibh an t-achrann, fágaidh fé choigeartaidhe éigin é ná beidh léighe aige lé haonne agaibh, chun réidhtigh ceart, comhthrom do dhéanamh eadraibh: duine a chuirfeas an cúrsa 'n-a socrughadh cóir, sásta. An t-árdscrúduightheóir coigeartaidhe na bhfocal a coingbheófar nó ná coingbheófar san dtiomargain seo: an té go bhfuil an focal deireannach aige. Dia coigeartaidhe an uile ruda: ceann.

coigeartuighim: *b.a.* ceartuighim, réidhtighim, socruighim, cinnim. Coigeartuigh do chuid éadaigh ort féin a's ná tabhair náire dhuit, ag imtheacht go neamhbaileach: socruigh, feistigh, bailigh umat é a's iadhaidh do chuid cnaipidhe. Nuair choigeartuigh an máighistir mo leabhar cleachtaidh is mó de dhearmhadaidhibh a bhí agam ná bhí ag an rang go léir!: nuair ghlan sé de gach locht a's cáim é. Ná coigeartuigh me ar gach aon fhocal a thagas as mo bhéal: ná faigh locht orm.

coigilt: *b.3.* (*-gealtha*) do thiomargadh, do chongbháil, do thaisceadh: do chlúdach nó d'fholach: do bhailiughadh teineadh lé chéile chun a coimeádta ón éag: srianadh, freascoimeád. Ceal cothuighthe maith a chaill ortha ar bhreith don nduadh a's don gcruadhtan ortha, mar ná raibh an choigilt ionta: taisce nirt: an neart chun fuilnge. Ó bhliadhain bliadhain bhí sé ag coigilt leis, in uaigneas na dúthaighe, ag trádáil sheithidhe, gan de mhachtnamh aige ach airgead do bhailiughadh go bhfilleadh ar Éirinn a's go n-íocfadh a fheichmheóiridhe: ag tuilleamh 'sag taisce. An ag coigilt do choda airgid ataoi ná fiafrófá de dhuine an bhfuil béal air?: dhá chruachadh go cruinn ar a chéile. Tréis na coigealtha ar fad táid chómh bocht liom féin: tréis ar thaisceadar go cruinn. Dá fheabhas coigealtha do dheineas ar an dteine ní raibh sméaróid ar maidin innte: gidh gur bhailigheas ar a chéile gach a raibh dearg di. Glacfad an lá indiu ar mo shuaimhnis chun

mo nirt do choigilt i gcóir na dórnála ist oidhche ambáireach: do thaisceadh. Cuir coigilt sceach ar an bpoll prátaidhe sin ón sioc: clúdach. Siúd é an fear go bhfuil coigilt aige ar an áit go bhfuil na Poblachtaidhthe ar teicheadh: clúdach: rún ná leigfeadh uaidh ar a anam!

coigilteach: *a.* bailightheach, cnuaisceamhnach, cruinnghasta. An té a bhíos coigilteach fág fé airgead do bheith aige: an té a bhíos bailighthe gan bheith scaipightheach. Daoine coigilteacha seadh na Franncaigh, taiscid an uile phingin is féidir leo: aicme a thugas aire do n-a gcuid. Seadh mara mbeadh gur bh'í an té budh choigiltighe ar do choidreamh í ní chruachfadh sí an t-airgead ar fad: deaghsholáthrach, coimeádtach, cruinn: gasta.

coigleas: (**ciglis**) *f.2.* teangbháil éadtrom ar an gcorp leis an láimh a chuireas sceitimínidhe mothála ar dhuine go ngáireann a's go gcúbann a's gur minic do chur freangaidhe ar dhuine má leantar rófhada air. Chuimileadh an cladhaire beag cleite treasna fé choincín (polláiridhe srón) a shean-athar ag cur cigilise air a's eisean ag srúmatáil chodladh sa chúinne go mbaineadh preab dhúiste as. Is iad bonnaidheacha (buinne) na gcos an áit is fusa do chigilis: griofadach bheag do chur ann a bhainfeadh léim asat. "Má chuirir ciglis orm fém osclaibh scréachaid", ars an gearrchaile: má theangbhaidhir liom tiocfaidh griofadach orm nách féidir liom d'fhulang gan scréachadh, gáire nó léimeadh. Beidh an duine ait sin ag gabháil dos gach aonne go dtí go gcuirfidh duine éigin ciglis air: teangbhóchaidh duine éigin leis a bhainfeas preab ná taithneóchaidh leis as.

coiglighim: *b.a.* tionnlacaim. Coigligh abhaile me, níl an radharc go rómhaith agam a's tá an oidhche modardhorcha: tionnlaic me, téidhir im fhochair chun ná héireóchadh faic dom. B'fhearr dhuit dul liom go B'l'Áth Cliath ar feadh seachtmhaine ó tá an t-eólas agat, choigleófá me a's ní raghainn amugha: bheidhfeá im chuideachtain. Coiglighidh an bráighe seo go dtín traen agus ar bhur gcluais ná héaluigheadh sé: téighidh leis agus fairidh é.

coiglim: *b.a.* taiscim, coingbhighim, foluighim, clúduighim, fáscaim. A Thighearna, coigil dom! a Thighearna tabhair breith shaor orm. Mara gcoiglir do chuid ní fada ná go mbeir ag lorg: muna mbír coimeádach ar an rud atá agat. Cá gcoigleóchainn airgead? ar dhá chéad phúnt sa mbliadhain? i bhfiachaibh do bhíos: connus do thaiscfinn é? Cá gcoigleóchad ón namhaid thu? Fan! téidhir idir an tsíneáil a's an bhuaic: cá bhfolóchad thu? An rud toghartha a bhí aice, an cailín bocht, choigil sí go maith é, chuaidh sí as baile chun a shaoghaluighthe: cheil sí a bheith ann. Dá gcoigleóthá an teine roimh dhul id luing shuain airéir duit bheadh an síol indiu agat: dá mbailighteá ar a chéile í.

coileach: *f.1.* an t-éan fireann, an bradán fireann: ainm a tugtar ar fhiadhclach a mbeadh a ceann aníos as an uisce go géar conntabharthach. "Clog an duine bhoicht an coileach": is air a ghlaodh ar maidin do bhíonn sé ag brath chun na trátha. Seachain tu féin ar an gcoileach, níl puinn uisce air: fochair bhiorach. Caithfear cosaint do dhéanamh ar an gcoileach feadha nó dísceófar iad. Coileach Franncach (fireann): an "turcaidhe". Coileach fraoigh (ceann fireann): an t-éan ar chuma na gcearc tighe a mhaireas san bhfraoich agus ins an gcraoibh. Coileach gaoithe: rud i ndéanamh coiligh a chuirtear ar bharr spuaice nó

aoirde eile, a fhoillsigheas ar chasadh dho cad é an treó go mbíonn an ghaoth ag séideadh as. D'éag sé díreach ar ghlaodh an choiligh: agus an coileach ag glaodhach, tamall roim lá.

coileán: *f.1.* óg an mhadra, an tsionnaigh, an fhranncaigh, an fhíogaigh farraige, an madar uisce, ainm tháire ar ógánach (cailín nó buachaill). Chonnac mada ruadh a's é ag súgradh le coileánaibh san bhfoithir lé taithneamh na gréine: leis na rudaidhibh óga san bhfaill mhara. Dá bhfeictheá clann an tuinncéara, níor fhágadar cúil ná cúinne gan cuardach, is maith na coileáin iad: táid ag dul leis an seandream. "Dá gcloisfeá an ghearrchainnt do thug san domhsa gan aon chúis ar an dtalamh "ghéillfinn duit, coileán ceart é sin": rud míobhuidheach, tarcuisneamhail. B'fheárr liom coileán madra do chothughadh ar mo theinteán ná an buachaill aimsire atá agam, fuar, díomhaoin, leisceamhail, doshásta: budh mhó buidheachas an mhadra.

coiléar: *f.1.* bóna, íodh tímcheall an mhuiníl. Tá an coiléar róchumhang don gcapall a's tá sé ghá mharcáil: an bóna go mbíonn na hamaidhe air chun na dtarangt do cheangal de.

coilgdhíreach: *a.* díreach gan chor, gan chlaonadh: chómh díreach le gáine. Coileach folaidheachta seadh é, féach mar sheasann sé go coilgdhíreach: a cheann san aer go mustarach aige. Nách é ná fuil a cheithre scór bliadhan ag goilleamhaint air, an seasamh coilgdhíreach atá aige: gan cromadh 'n-a bhallaibh.

coilgneach: *a.* lasánta, sothógtha. B'fheárrde thu breis fhoidhne do bheith agat a's gan bheith chómh coilgneach in áiteamh: canntalach, lasánta. Mo thuairm go bhfuil daoine (duine éigin go mbíonn a fhios ag an té a bhíos ag éisteacht cé hé) coilgneach indiu, mar chailleadar airgead ar an rás indé: sochorruighthe: soifheirge. Tá Mosailíní an-choilgneach na laethanta so, tá sé ag griogadh go tréan ar aonne atá fé n-a léighe: sothógtha ar aonne atá ag déanamh cosca ar an bhfuadar atá fé.

coilice: *f.4.* duigh builg, sealg, treighid, greim. "Bhuail coilice airéir é. Chaith sé an oidhche casta ar a chéile aige" – "cad n-a thaobh nár chuiris ortha an choilice dho?" – "ní raibh agam" – "múinfeadsa dhuit í" – "fear fial a's bean mharbh, a's mac Dé 'n-a luighe san gcolg, agus cuimil an tsealg a's beidh sí slán." An diall as an bhfear mbocht, tugann báisteach claontacht fuachta air go leanann coilice é: arraing, griogadh a's greim san inne é: sa putógaibh ar fad. Mara dtiocfadh air ach coilice budh dhóigh leat, ar an eagla a thagas air, go mbeadh an bás láithreach aige: griogadh beag builg.

coiligsheasamh: *f.1.* seasamh, díreach gan cor isteach ná amach. Ar an dtaobh tiar thuaidh d'Inis Tuaisceart tá beann 'n-a choiligsheasamh go dtugtar "Bod i Seasamh" air nó "Rud i Seasamh" (lé banamhlacht). Chómh luath agus bhí deireadh ráidhte ag Teachta aca d'éirigh Teachta eile 'n-a choiligsheasamh go fíochmhar ag bréagnughadh a raibh ráidhte: mar bheadh coileach go mbeadh fonn troda air. I mí mhairbh na hoidhche san áit uaignigh a's me im aonar chuala gnús ghearánach a scannruigh me gur éirigh an uile ruibe gruaige ar mo cheann 'n-a choiligsheasamh: sheasaimh gach ruibe aca amhail a's dá mbeidís 'n-a gclipidhibh.

coill: *b.2.* tiomarga mór, tiugh crann. “Bíonn cluas ar an gcoill” ná labhair ró-árd, níl a fhios agat cá mbeadh duine ag éisteacht i nganfhios nó i bhfolach. Cathaoir d’adhmad coille: slapar crann ná bíonn ullamhuighthe: ná bíonn caointe: ná bíonn an choirt bainte dhíobh, díreach mar fhágaid lámh an tsleachtaire. Is geall le coill na guis atá ar an ngort: tá coill ghas air: chómh tiugh ar a chéile a’s a thaidhbhsigheann duilleabhar crann in achar. I lúb na coille craobhaighe bhí tigh deas cluthair: istigh i gcoill ’n-a foithin, i ngiorracht dá h-imeall.

coille: an chéad lá den mbliadhain nuadh. Lá Coille do saoghaluigheadh é. Oidhche Choille, ól é sin mar onóir don oidhche. “Oidhche Choille ’o chodladh leat, a chailleach”: bailigh leat, a ghósta. Lá Coille: lá Nodlag beag. Iarsmaidhe lae Coille: na h-aiscidhe a loirgtear an lá san. “Fógraim iarsma ort” (órduighim ort a thabhairt dom) – “fógraim an diall ort! (sa diall leat!)” – “fógraim an t-oileán thiar ort”: an Blascaod Mór (isteach ann leat).

coilleadh: *f.* (*-lte*) do bhaint na n-uirghe as, milleadh. “Cá rabhais?” – “ag coilleadh ghamhna”: ag baint na n-uirghe asta. Budh mhór an coilleadh do dhein na Cómhachta buadha ar an nGearmáin, bhaineadar a coigcríocha dhi: bhaineadar a cuid árthaighe agus an uile rud do b’fhéidir leo dhi: scriosadh millteach. Mara mbeadh go raibh duine éigin ag coilleadh mo sparáin ní bheadh sé follamh mar tá: ag ganfhiosaíocht air, ag mionghoid as. Coilleadh mór ar a shaidhbhreas dob eadh an spré do thug sé dá inghin: tolladh mór ann: bhain sé cuid mhaith as. Tréis mo choillte, ní rabhadar, na bitheamhnaigh, sásta lem chuid airgid gan mo bhúrdáil do thabhairt dom. Cuireadh cosc lé coilleadh nead na bhfiach dubh: na huibhe nó na gearrcaigh do thógaint asta.

coillidhe: *a.* do bhaint lé coill nó crannaibh. Chodlamair ár leórdhóthain ar réadh coillidhe tréis tuirse an lae ag taisdeal ameasc crann: áit nó oscailt thalmhan réidh go raibh crainn mórdtímcheall.

coillidhe: *f.4.* millteóir: truaillightheóir, drúiseóir. Ach gur tháinig dlighe do chosc tógáil na n-ubh a’s na n-óg ón bpríochán cois dearg ní bheadh ceann ann anois a’s an scrios do ghníodh coillidhthe ortha: daoine a fhuaduigheadh a mbíodh ionta. Coillidhe drúiseamhail nár staon gur éirigh leis mo bhean do chlannughadh a’s me as baile: truaillightheóir: creachaire.

coillim: *b.a.* foghluim, bainim na clocha as, scriosaim. Táim coillte gen lá, táim ag caitheamh airgid ó mhaidean: scriosta: níl faic fágtha agam. Ní ceart é sin, do choillis nead an éin, a’s beidh sé go dubhach: bhainis na huibhe nó na héanlaithe aiste. Níor glanchoilleadh an cairiún san, tagann néal air: fágadh cuid éigin de phréachaibh na n-uirghe ann. Turasadóireacht a choillfeadh thu, do lámh id phóca agat ar gach cor do chuirfeá dhíot: an rud go n-imtheóchadh do chuid airgid leis. Choilleadar ár líonta leis an oidhche: thógadar an t-iasc asta. Do coilleadh nead an tsaighdiúra agus é sa bhFrainnc ag troid: do ghaibh fear eile le n-a mhnaoi. Coillfidh an áit sin fós é, cheannuigh sé ródhaor é, agus níl cabhair a dhóthain aige chun a oibrighthe: caithfidh a bhfuil aige leis.

coillte: *a.r.* scriosta, fuaduighthe, creachta. Fuair an t-éinín a nead coillte ges na garsúnaibh: a raibh innte bailighthe chun siubhail. Dá mbeadh an tarbh san coillte agus é ramharuighthe budh mhaith an t-itheadh é: na huirgheacha bainte as. Ar imtheacht dos na saighdiúiridhibh ón mbaile fuairtheas an áit coillte aca: scriosta agus nidhthe fuaduighthe aca.

coillteach: *a.* lán de choilltibh, de chrannaibh. Deirtear gurbh oileán coillteach Oileán na hÉireann tamall: coillte go flúirseach. B'andheacair don arm ascnamh tapaidh do dhéanamh mar bhíodar ag gabháil trí dhúthaigh choilltigh, géaga na gcrann ghá moilliughadh a's ghá gcosc: talamh go raibh crainn go hiomadamhail air.

coillteán: *f.1.* duine a bhíos ar díth uighreach; spothta: spaid. Do bhíodh fear annso fadó go dtugtí "Coillteán" mar leasainm air, toisc go raibh sé áitrighthe chun ainmhidhthe do choilleadh. Coillteán seadh an capall so: capall go bhfuil na h-uighreacha bainte as.

coillteóir: *f.3.* duine a bhíos ag gearradh 'sag teascadh adhmaid i gcoill. Budh dhiaill na coillteóiridhe na seandaoine ar an ngaisce do dheinidís a's crainn do bhaint le droichfhearas: geárrthóiridhe.

coillteóir: *f.3.* duine a ghearras nó a choilleas fireannaigh ainmhidhthe. Coillteóir maith nár thinnigh gearradh 'n-a dhiaidh riamh.

coim: *b.2.* clóca, clúdach, fasca: cosaint, fuascailt: ucht, com, brollach, meádhonlár. Cómhnuighim i gcoim an tsléibhe, i bhfad ón mbóthar rianta, gan puinn coidrimh ag aonne orm: i ngabhal, i gcumar cnuic: iargcúlta: fé scáth an tsléibhe. Mara b'é an teacht agat é, a leinbh, chómh fada ó bhaile i gcoim oidhche, connus thriallais in ao'chor?: fé chlúid na hoidhche. I gcoim na néal do mhúch na hoileáin orm: fé chlúid na scamall d'imthigh na hoileáin as mo radharc. Féd choim-se do deineadh me do cheilt nuair bhí an tóir orm: féd scáth: féd chosaint: chlutharuighis me. An aois ag cur ar an seanóir dearóil, a cheann fé n-a choim aige sa chathaoir, ná feadraís ann nó as é i rith an lae: a cheann múchta anuas 'n-a ucht aige. Tóg do cheann as do choim a's labhair leis na daoinibh, nách doichilleach ataoi? nó an támáilteacht atá ort?: árduigh do cheann a's ná bíodh sé cromtha fút agat. Taisc léd choim é an leainbhín gleóidhte: bailigh chughat led bhrollach go ceanamhail é. Cuir féd choim an gunna nó chídhfear é: cuir i bhfolach féd chuid éadaigh é.

coimeád: *f.* (*-ta*) d'fhaire, do chosaint, congbháil, moilliughadh: cosaint, buanughadh, fastadhacht: ar aire: feistiughadh: cás: cothughadh. Níl aon choimeád ar airgead aige, tá sé rófhial fé: duine boigéiseach seadh é: scaipightheach. Dá mbeadh coimeád ionnat mar bhíonn i ndaoinibh eile budh mhó púnt do bheadh sa bhannc agat: cruinneáilt: cur lé chéile: ciall bhailighthe. Má tá biadh aige tá coimeád aige air: sprionnlaithe fé n-a riar. B'fhada an coimeád ar an bhfoidhne aige é leó, tréis ar thugadar de tharcuisne a's de dhrochlabharthaibh do: an chosaint: an chómhla: an fhadfhulang: an fhadtheadhlaidheacht. Maran ort féin atá an coimeád agat, is baoghalach atá sé ort speal oibre do dhéanamh: an choigilt: an neamhfhonn aon duadh cuirp ná incheann do chur ort féin. Ag Dia féin atá a fhios an coimeád do dheineas ar gháiridhe nuair chonnac chugham

anuas an staighre é a's a bhean ar a shálaibh le lé bata a's "bean na cleithe caoile" aige dhá chasadh léi: an foidhneamh. Is mó an coimeád uisce (fuail) ag mnáibh ná ag fearaibh ach is mó an coimeád rúin atá ges na fearaibh ná aca: congbháil: cumhdach. "Déin thu féin tu do choimeád! bí ar do choimeád" ars an cloidheamhthóir leis an gcloidheamhthóir eile: bí ar t'aire! cosain tú féin. "An bhfuil aonne ar a choimeád tímcheall na háite?" ars an t-oifeach airm a bhí ar thóraidheacht phoblachtaidhthe. Rinnis coimeád maith ort féin a's a rádh nár mhúscladar tu ar an mionchuardach do rinneadar: folach maith: sheachnais iad go cliste. "An gcloisir an cnagadh atá ag an bhfuinneóig? níl coimeád rómhaith uirthe": feistiughadh, ceangal. "Cuir iall nó lás nó corda nó diall éigin coimeáid ar do bhróig a's ná bíodh sí ag tuiteam díot, a leibide": cuir ceangal, feistiughadh nó fearas éigin do choimeádfaidh iadhta í, uirthe, a amadáin. Is breágh í do phíp agus is breághtha ná san an coimeád atá uirthe: an cumhdach: an cás. Cad bhí lé déanamh agam? me im bhráighe aca a's coimeád m'anama aca: is fútha a bhí me do chur chun báis nó me d'fhágaint im bheathaidh. Ní haon choimeád beathaidh prátaidhe trí huaire ist ló: aon bhiadh maith lé n-itheadh. Cuirim m'anam ar do choimeád!: cuirim me féin féd chomraighe: cosain me ar dhíobháil. Sid é fear coimeádta an tseódlainn: an té atá freagarthach i ngach rud atá istigh ann. Ní raibh faic aige i ndeireadh a shaoghail, a's lé truagh dho tá a choimeád orm-sa: a chothughadh. Ní imtheóchadh aon rud ar bóiléagar dá mbeadh coimeád air: cosaint: fascadh. Cuirfear an dlighe ort bheith ag lámhach i saosúr an choimeádta: an t-am den mbliadhain go mbíonn cosaint ar sheilg do choscairt. Ag faire a's ag faire dho 'n-a shuidhe in aice liom ar feadh an turasa ar fad d'iarraidh mo sparáin do choilleadh, ach theip air, níor chruinne an cat ná an coimeád agamsa: an chosaint aireach ná héireóchadh leis faic do ghoid. Má táir réidh leis an leabhar san cuir i gcoimeád é a's ná fág go fuarspreóiseach é: cuir in áit dhaingean, shábhálta é. A chiall caillte chun oibre aige, fiú amháin, ní dhéineann sé coimeád ar an nDomhnach ach ag déanamh ruda éigin: ní thugann sé an tsaoire fé ndeara. Madra maith coimeádta é sin, ní thiocfadh aonne i nganfhios do chun an tighe gan sceamhghail air: go maith chun fartha. Fear naomhtha a dhéanfadh coimeád air féin léi ar an spochaireacht do rinne sí orm: a smachtóchadh a chaise. Chuadhas in áit mhaith coimeádta faid bhí na buachaillidhe n-a gcodladh, radharc i ngach áird agam ar na Dubhchrónaigh dá mbeidís ag teacht: áit fartha. Congaibh coimeád maith ort féin mara mian leat mailidhe dubha do bheith agat, táthar ar do thí: tabhair aire na fola dhuit féin.

coimeádach: *a.* cnuaisceamhnach, neamhscaipightheach, aireach, braithteach, faireach, ar tinneall (tinnealltach), seachnach. Thuiteamair dár gcodladh ar bholg na mara móire 'n-ár gcleiteóig (bháid), rud conntabharthach, ach go raibh fear maith coimeádach againn gurbh iontaoibh é: fear fartha. "Léan ort, a raga dhíomhaoin, maran coimeádach atáir ar do ghéagaibh ná béarfadh ar arm agus do dhrom do shíneadh lé rud éigin do dhéanamh: coigilteach, aireach: caomhaointeach: nách mian leis duadh cuirp do chur air féin lé cion air féin. Éanlaithe an-choimeádach seadh géadhanna fiadhaine, bíonn ceann ag faire aca faid bhíonn an chuid eile ag ingheal: aireach, seachnach. Bí coimeádach ar do chuid airgid, ná bí ghá scaipeadh ar nós na gainimhe! nár airighis riamh gur "fearr an chaomhaint ná an caitheamh?": ná bí bog, boigéiseach fé. Má bhíonn san amuigh féin i ndroichaimsir bíonn sé coimeádach air féin, coingbhigheann sé éadach maith cluthair air féin: aireach, seachnach ar fhuacht. "Ar mh'anam gur chuiris do chuid airgid in áit choimeádach ná faghaidh aonne é ach tú féin – 'on bhannc!": áit dhaingean ná fuil

baoghal air é d'imtheacht. Tiománaidhe coimeádach seadh é, is annamh do chloisfeá aonnidh ag éirghe dho, mar éirigheann do lucht fuadair: aireach: ní théidheann sé i dtreis conntabhairte.

coimeádaidhe: *f.4.* gárda: airightheóir, congbhálaidhe, cuanaidhe, coimirceóir. Coimeádaidhe maith tighe seadh í, an diall a máighistir, bíonn biadh breágh, slachtmhar aice agus is í thugas aire dho: bainistighe. Droch-choimeádaidhe tighe seadh thu, ceannuighir gannaidhe tighe ródhaor: nílir go maith mar cheann riartha ar thigh. An té a phósas coimeádaidhe tighe sin a bpósann sé: ní caomhna beathaidh a bhíos uaidh, ach bean chruinn. Ar a mhuinnteardhaighe atáithí lé chéile budh dhóigh lé duine gurbh é coimeádaidhe t'anama é: gurb air a bhí do sheasamh ar fad: ná mairfeá gan é. B'oth liom é, ach ní raibh agam lé déanamh ach an coimeádaidhe do bhí ar an mbráighe do lámhach chun an bhráighe d'fhuascailt: an gárda.

coimeádaim: *b.a.* coingbhighim, bheirim greim ar, cosnuighim, fairim, moillighim. "Ní bhfaghair pioc de!" – "coimeád agat féin é, is mó tá sé uait ná uaimse": ná scar leis. Ná coimeád faic istigh do, bí maithteach: ná bíodh aon fhaltanas agat do. Coimeád istigh beagán airgid, ní fheadarais connus oirfeadh sé gan choinne leis: sa tigh: gan a chaitheamh. Coimeád an leaba go dtí go mbraithir go maith: fan innte. Fear fial ná coimeádfadh faic uait: aon rud a bheadh aige a's a theastóchadh uait gheóbhfá uaidh é. Coimeád istigh ón sneachtadh: fan sa tigh. Coimeád air! tá sé ag éirghe leat: lean ded láimh: ná sos! Coimeád ar an siubhal: lean den gcéim atá fút. An tsaoire do choimeád mar is cóir: dul chun aifrinn (úrnaighe) a's gan obair neamhghábhtarach do dhéanamh. Níl aon choimeád ag aonne air, aon lá is maith leis, imthigheadh sé: níl neach dhá chosc ar imtheacht. Dá mbeadh aonne ag coimeád ar an gceann eile de théid thiocfadh na máirnéalaigh isteach uirthe: dá mbeadh aonne ag teannadh uirthe. Cad é an coimeád atá ar fhear an tighe seo budh cheart do bheith ge baile fadó riamh: cad tá ghá mhoilliughadh. Coimeád an diail bhuidhe atá ar chois an chasúra: daingean. Tá an bioránach in áit anois go bhfuil coimeád air: tá sé i gcarcar: fé ghlas: in áit dhaingean dáiríre. Cad tá ghod choimeád? tair abhaile: cad tá ghod mhoilliughadh? cad tá ghod chosc ar ghluaiseacht? Coimeád uaim! a's ní baoghal duit: fan uaim: ná bain liom. Coimeád isteach: druid isteach agus fan mar sin. Coimeád air! daingnigh ar do ghreim! ná sos! Go han-mhaith atá déanta go dtí so agat dá gcoimeádfá air bheadh an lá leat: dá leantá air bhuadhfá. Coimeád an treaghaire dhom go ndéineadh úrlaidheacht: beir air agus cuir in ionad cheart tollta dhom é. Coimeád as an áit sin má tá cion ar t'anam agat! seachain é. Coimeád leis an dtairnge ón dtaobh istigh go gcasaidh sé: cuir rud éigin go teann 'n-a choinnibh. Coimeád tharam ó thuaidh nó buailfeam (an dá bhád) ar a chéile: fan go haireach ar an dtaobh san. Coimeád umat do chuid éadaigh: ná nocht.

cóimeáil: *b.3.* nascadh: cóimhcheangal. I gcóimeáil an dá thaoide – an bhealaigh mhóir agus an bhealaigh bhig – bíonn an diall le h-itheadh uirthe: mar a dtagann sí chun a chéile bíonn sí ag gearradh a chéile le buirbe. D'imthigh cuid mhaith den iasc trí chóimeáil na líonta: tríd an scar a bhí idir gach aon dá ghreim (an chóimeáil féin) ar n-a líontaibh 'n-a gceangal. Cóimeáil gan mhaith atá déanta agat ar an dá bhlúire iarainn sin, níl an goradh láidir go leór: ceangal olc. Ní iongadh breis uisce do bheith in aice Bhéil Átha mar a bhfuil cóimeáil shruth na gcnoc go léir: cómhrac, teacht lé chéile.

cóimhcheilg: *b.2.* cogarsnach, cómhoibriughadh nó coimhtheacht daoine chun uilc do dhéanamh, go mórmhór beartughadh in aghaidh Riaghaltais. Ar an bpáipéar indiu tá cúntas ar an gcúirt atá 'n-a suidhe ar chuid mhór Rúiseánach a bhí i gcóimhcheilg lé coigcríochaibh chun a riaghaltais do dhíothchur: an beartughadh claon a bhí ar siubhal aca. Inns dom cad tá tuillte ag an ndream a théidheas i gcóimhcheilg chun me do bhásughadh: a bheartuigheas go fealltamhail me do chur chun báis. 'Sí an fhírinne gur bh'fhearr leó as me ná ann, a's gur bh'fhada i gcóimhcheilg iad d'iarraidh teacht ar shlighe chun me do ruagadh: ag smaoineamh 'sag beartughadh.

cóimhcheangal: *f.1.* cuing: cómhaontas, cómhluighe, comhar cáirdeasa, connradh cómhchabharthach. Ghnídheas cóimhcheangal i gcoinnibh na Gearmáine d'fhonn agus go mbeidís níos treise chun a traochta: ghníodar cor agus daingean go gcabharfadh an chuid eile aca leis an ndúthaigh go mbeadh an bhroid uirthe. Níl aon chóimhcheangal ar Éireannaigh dul ag troid i gcabhair Shasana: níl aon ghreim ná cor curtha ag Éirinn uirthe féin chuige. Deirtear go bhfuil cóimhcheangal cosanta an dá thíre, Éire agus Sasana, dhá chur trí chéile ag an gcriadhfairt seo ar siubhal i Lonndain idir airidhibh na díse tíre: cómhar go gcabharfaidís féin lé chéile le linn gábhtair. Cóimhcheangal gan deallramh aon cóimhcheangal lé Sasana gan Éire uile do bheith fé aon riaradh amháin seachas mar tá anois: cómhar ná beadh ann ach magadh cabhair ná cóngamh do thabhairt di.

cóimhcheanglaim: *b.a.* táthuighim dá chéile: greamuighim go dlúth dá chéile. Cóimhcheangail dhá líon a's rachaid treasna béil an chuasa a's ní éalóchaidh aon iasc amach: greamuigh dá chéile iad. Chóimhcheangail Hitlear agus Musailíní d'fhonn iad féin do neartughadh trí lár na hEóraipe adtuaidh ó uisce go huisce: dheineadar cor daingean lé chéile go mbeadh a gcabhair airm 'ge chéile má budh ghábhadh. Dá gcóimhcheangluigheadh ár dhá gcamplacht poilitidheachta-ne lé chéile budh threise sinn chun ár gcirt do thagairt lé Sasana: dá dtagaidís i dteannta a chéile agus cabhrughadh d'aonbhuidhin.

cóimhcheannacht: *b.3.* trádáil. Admhuigheann Sasannaigh féin anois go bhfuil mórchuid de chóimhcheannacht le hÉirinn caillte aice ó thionnscain sí an cogadh fearachais seo uirthe: iomlaoid earraidhe le hÉirinn: díol agus ceannacht.

cóimhchéile: *f.4.* caomhna, seise, cómhpháirtidhe, cóimhchionntach. Choidhche ní fhéadfadh aon bhitheamhnach an bheart do dhéanamh ar an seódraidh do ghoid as an dtigh gan cabhair cóimhchéile ón dtaobh istigh: freastalaidhe nó feadhmannach éigin a bhain leis an dtigh. Is í mo bhean mo chóimhchéile leapan: an t-aon chaomhna a bhíos im fhochair innte. Ar an bhfuadar atá fútsa, a Liaimín, a's na cóimhchéilidhe cómhluadair a bhíos agat is eagal liom go mbeidh do cheacht go maith agat: go n-éireóchair suas id bhleaigeáirdín, maith a dhóthain d'aonne. Tadhg a's Tomás an bheirt cóimhchéilidhe a bhí agam ag déanamh na cora, tá Séamas saor ar aon bhaint léi: na cogantóiridhe.

cóimhchéim: *b.2.* faid céadna truslóige, ag cur agus ag tógaint na coise céadna in uaim: cómhaoirde in oirdhearcas. Shiubhalamair 'on Daingean ar ár suaimhneas i gcóimhchéim: cois ar chois go tómhaiste réidh. Mhillfeadh an fear céadna thu ar bhóthar

fhada, mar ná gluaiseann sé ar chóimhchéim, is amhlaidh do bhíonn tamall mall aige agus tamall tapaidh: gan gluaiseacht in ionannas: dréir a chéile. Cóimhchéim atá ag an mbeirt aca – dochtúir diadhachta seadh gach aonne aca: in aoirde chéadna i léigheann. Cóimhchéim againn dár dtaoiseach a's ag muinntir na Frainnce dá n-uachtarán: an meas céadna: an t-oirdhearcas céadna: an uaisleacht chéadna.

cóimhchéimeach: *a.* ar aon chéim, uaisle, grád, thruslóig. Pioc níl ag duine aca ar an nduine eile fós maidir lé méid a nguthann, 18,000 ag an nduine, táid cóimhchéimeach: ar chóimhrian: ar chómhtharangt. Cuireadh dhá mhí air as bhriseadh isteach sa tigh, agus trí mhí as earraidhibh do ghoid, an dá bhreith do bheith lé tabhairt go cóimhchéimeach: in aonfheacht lé chéile, trí mhí ar fad. "Tá trí nidhthe cóimhchéimeacha nách mór i gcóir an uile chúrsa thábhachtaigh – aimsir, tionnscal agus feidhm": nách fuláir do dhul i bhfochair a chéile chun do thionnscnaimh do bheith éirightheach. Siubhal dian, saothrach dob eadh eadrainn é ó fhágamair Dún Chaoin, d'fhéachaint céagainn bheadh sa Daingean ar dtúis, thugamair tamall maith cóimhchéimeach ach chaitheas ciorrbhadh ar mo chéim lé sáil thinn: truslóg ar thruslóig.

cóimhchéimighim: *b.a.* tionnlacaim, siubhlaim ar chéim lé. Cóimhchéimigh an fear deóranta sa doircheacht amach ar an mbóthar rianta, mar níl aon eolas annso aige: tionnlaic é: téidhir leis agus fan 'n-a aice. "Níor chóimhchéimigh na hearcaidhthe oiread agus leathchéad slat fós, cad tá ar an acluightheóir? mo mhallacht air!" ars an t-oifigeach: níor fhéadadar siubhal in ionannas, an chos chéadna do chur in aonfheacht.

cóimhcheól: *f.1.* oirfideadh, an ceol céadna ar siubhal ag breis a's aonne amháin, uaim fuaimeann ceóil ó ghuth nó ó ghléas. Bhuail lucht na tuighe isteach, feadóg ag duine aca, fidil ag fear, trúmpa ag bleácach aca, dhá chlúid stáin ag fear eile, seanmaghléas ag scraiste, a's rinneadar cóimhcheól chómh binn sin gur éist lucht na bainise go léir leó go haireach a's go bhfuaireadar cóir bhídh agus dighe: do ghaibh cuid cheóil an uile dhuine in uaim chómh taithneamhach san ná raibh sé goirgeach ar an gcluais. Maidean indiu budh bhreágh léd chroidhe cóimhcheól na n-éan sa Ghleann Dearg: iad go léir ag ceileabhradh mar bheidís ag freagairt a chéile.

coimhde: *b.4.* sláine, daingneacht, urradhas: cosaint. Ní háit choimhde é seo, tá an fharraige ag faire ar bhriseadh ann fágaimís é: áit shábhálta. Faid bhíos ar mo theicheadh i bparóiste Leasa Phóil, ní fuláir dom a rádh ná go raibh coimhde agam ameasc na ndaoine, gan eagla scéitheachtainte ná braithte: sábhálta, daingean, gan eagla gabhála. Ar amannaibh bíonn an gheilt bhocht an-olc a's ní fuláir beirt bheith 'n-a fheighil.

coimhdeach: *a.* cosantach, leanamhnach, aithfhillteach. Galar coimhdeach air seadh an tinneas cuirp, is beag go bhfágann sé in ao'chor é: leanamhnach, aithfhillteach: ní fhanann uaidh ach tamall. Níor ghábhadh dho aon eagla do bheith air roim a namhaid, do bhí fear coimhdigh aige ionam-sa, ná leigfeadh buille ná bascadh air: fear cosanta. An bhfuil aonne coimhdigh farrat? Connus threabhais san áit seo gan eólas?: aonne ghod thionnlacan: it fhochair. "An áit choimhdeach é seo? an dóigh leat go mbeadh an tóir ar mo lorg nó an bhfaghaidís me?": áit dhaingean go mbeadh duine ar láimh shábhálta ann.

coimhdeacht: *b.3.* tionnlacan, freastal, freatháilt, cosaint, cómhlaidheacht. “An gcreidfeá é go mbeadh an bhean san ’n-a cumhal coimhdeachta ag Bean Tighearna Finn Trágha? ag cíoradh ’sag slámadh a cinn”, mar deir sí féin “’sag gléasadh a cod’ éadaigh uirthe”. Bean mhór lé rádh dob í do bhíodh fiche bean choimhdeachta (choinnleachta) ag freatháilt uirthe”: mná a bhíodh i bhfreastal pearsanta uirthe féin, féin. Oireann coimhdeacht dom anois mar táim dearóil, aosta, gan luadar mo ghéag: freatháilt: go ndéanfí gach aon rud dom gan me féin do chur duaidh orm féin. Go gcosnuighidh m’aingeal coimhdeachta mé ar mo namhaid anocht, mar is mise atá i nguais: an t-aingeal speisialta ghaibheas lé gach anam ghá chúmhdughadh ar olc. Ná tair in aon choimhdeacht liom, is fearr t’éagmais ná t’fhiadhnaise!: fan uaim, pé olc maith me im aonar is fearra dhom é ná do chuideachta-sa.

cóimheagar: *f.1.* órdughadh, riar ceart, feistiughadh, socrughadh. Seadh, gluaiseam anois, in ainm Dé, tá gach aon nidh i gcóimheagar againn, gan easbhaidh ná ceal socruighthe ar gach nidh a theastuigheas uainn: riar a’s ordughadh. Ní maith agus ní lánmhaith an cóimheagar catha chuir sé ar a chuid fear, iad go léir in aon tarpán (gasra) amháin!: an cóiriughadh olc.

cóimheagartha: *a.* neamhdhiallta, cóirighthe, riartha, léirighthe. Nách ait atá na leabhartha san cóimheagartha ar na siolpaidhibh, ní bhfaghfá féd láimh aon cheann aca: cóirighthe, curtha lé chéile go hait. Fáinne ar a méir a bhí cóimheagraithe de chlochaibh buadha: iad curtha ann chun a mhaisighthe. Ar an gcuma thuathalach a bhí na huimhreacha cóimheagartha aige ní fhéadfá iad do chaitheamh ar a chéile in ao’chor: sínte amach: cóirighthe. Gan bac lé tosnughadh níl an obair cóimheagartha fós agam: léirighthe, sínte amach.

coimheascar: *f.1.* troid, cath, bruighean, achrann. “Mar a mbíonn mórán des na héanlaithibh ag coimheascar ar an bhféar glas/ a’s éiscínidhe ’n-a gcéadtaibh ag preabarnaigh san linn” (Cnuicín Fraoigh Uí Chonchobhair): ag clismirt lé chéile a’s ag déanamh mórghleóidh. Gan Dia mór na Glóire do theacht ó neamh, ar leithrigh, ní féidir na daoine achrannacha san do chosc ar choimheascar: ar shuathadh a’s bruighin. Ar chlos an choimheascair dom, stadas, a’s cad bheadh ann ná broca a’s abhach ag gabháil stealla dá chéile: an gleódh ’san glór do dheineadar ag caismirt lé chéile. Sé an fear is fearr aca go léir é Dómhnall Ó Bruighin i gcoimheascar na nDubhchrónach, is iomdha ball cumhang, cumhangarach troda gur chlaoidh sé iad: i gcath leó. Taca coimheascair seadh é aon lá, níor thug sé a chúl riamh lé fear: cabhair iongtach.

cóimhéifeacht: *b.3.* cóimbrigh: cómhthábhacht, comhchumas. Cóimhéifeacht atá leis an dá fhocal “capall” agus “each”, ach gurb uaisle d’ainm “each”. Cóimhéifeacht do bhainimís asta go léir. Franncaigh dob eadh iad a’s ní tuigtí focal uatha: cóimbrigh: bhití chómh dall ar dhuine aca leis an nduine eile. Cóimhéifeacht dómsa seadh dul go B’l’Áth Cliath maidir leatsa, mar gan tusa ní féidir liomsa faic do dhéanamh agus a dhálta céadna agatsa: tá sé an uile phioc chómh tábhachtach, tairbheach dom.

cóimhéigean: *f.1.* cosc, duadh, iachall. Dar lé dream áirighthe gur mór an cóimhéigean atá dhá dhéanamh ortha Gaedhling d’fhoghluim dá n-aindeóin: í d’fhoghluim gan a dtoil ná a n-aigne leis. Cuirfeam cóimhéigean ortha an áit d’fhágaint, mar ná leigfeam oiread

agus blúire bídh ná braon uisce ’on chathair: cuirfeam iachall ortha lé cruadhtan do chur ortha.

cóimhéilightheóir: *f.3.* cóimhiarrathóir, cóimhshirtheóir, cóimhiomaidhtheóir. “Cailín gleóidhte gan amhras, ach is eagal liom duit, mar tá an iomad cóimhéilightheóiridhe ag tnúth lé n-a grádh”: cóimhshirtheóiridhe: buachaillidhe (fir) ag comórtas leat fé n-a grádh. Dháréag cóimhéilightheóiridhe a bhí ag lorg na bearta, duine díobh san mise: cóimhiomaidhtheóiridhe: daoine a bhí ag dréim lé chéile chun í do bheith aca féin. Beidh beirt nó triúr cóimhéilightheóiridhe – daoine go bhfuil fiacha aca orm – ag lorg a gcoda orm os chómhair an bhreithimh: daoine go bhfuil an bhuannacht chéadna aca ar mo shealbhas dréir an méid atá amuigh aca.

cóimhfhiadhnaise: *b.4.* cóimhfhínéacht, cóimhfhíné. “Deir an fear so go raibh sé láithreach nuair chuir an cosnach teine sa tigh, an fíor san?” – “cóimhfhiadhnaise air seadh me, do bhí”. Thugas cóimhfhiadhnaise uaim i gcúis an mharbhtha in aonfheacht lé ceathrar eile: fínéacht, mar iad.

cóimhfhreagairt: *b.3.* (*-gartha*) aontacht, teacht lé chéile, freagairt i bhfochair dhuine eile nó breis: iomlaoid leitreach, cómhgas muinnteardha: cómhaontadh: cómhoireamhaint. Tá do chuid oibre amugha, níl aon chóimhfhreagairt idir an poll do threaghais san iarann agus an samh atá agat lé cur ann: cóimhoireamhaint: ní oirid i méid. Is fada buidhe cóimhfhreagairt do theangan ón rud atá ar do chroidhe: cómhaontadh: ní mar labhrair atá istigh agat. Níl aon bheirt fhear ar m’eólas is lugha cóimhfhreagairt ná iad, choidhche ní bíd ar aon aigne ná ar aon bhóthar: is lugha muinnteardhas: bíd in aghaidh a chéile. Dá bhfoillsightí ar na páipéaraibh an chóimhfhreagairt idir an dá thír ní leigfeadh na daoine aon dallamallóg do bhualadh ortha: an scríobhnóireacht áirighthe do thárla eatartha. “Ná bíodh an rang go léir”, ars an cigire “ag cóimhfhreagairt, freagra aonair atá uaim ar gach ceist”: ag labhairt in aonfheacht i bhfreagra. Sin léigheamh atá ag cóimhfhreagairt – mín, réidh, ionannasach: ag teacht lé chéile go sobhlasta gan bhriseadh. Cé go raibh a fhios agam go dianmhaith go raibh malairt scéil ag an dtriúr aca, dá chruadhacht an ceistiúchán do dheineas ortha, ní bhfaghadh mo dhícheall uathu ach cóimhfhreagairt: an freagra céadna. Thugadar go léir tor(adh) orm i gcóimhfhreagairt nuair fhiafruigheas an rabhas as m’eólas, a chuir gan a dtuigsint i gceart me: labhairt d’aon ghuth liom. Beirt dreatháir gur dheacair a sárughadh d’fhagháil ar chóimhfhreagairt, gan duine aca bunoscionn leis an nduine eile: réidhtighid ar gach cúram a’s ar gach rádh. Dá mbeadh cóimhfhreagairt idir fhuireann na hoifige dhéanfaidís obair ní b’fhearr: cómhchóngamh agus cómhtharangt. Pioc cóimhfhreagartha níl idir na spéaclaidhe atá agam agus neart mo radhairc: ní oireamhnuighid in ao’chor me a’s ní fheicim leó.

cóimhfhreagarthach: *a.* ag teacht lé chéile, fabhrach, aontach. Beidh taoide a’s gaoth cóimhfhreagarthach tráthnóna ag dul abhaile id bháidín agat: beidh araon ghod chabhradh. Connus ná beadh siolla gaoithe aca nuair ná fuil an chómhla agus an doras cóimhfhreagarthach: an chómhla do bheith róbheag don ndoras. An dá leitir a tháinig chun na seanmhná – ceann ó Aire an Riaghaltais Ceanntair agus an Ceann ón gCoisde

Táillidhe sa Daingean – do bhíodar cóimhfhreagarthach: an scéala céadna a bhí ionta: níor dheifrigheadar.

cóimhfhreagraim: *b.a. 7 n-a.* freagraim go ceart do, oirim do, aontuighim (le): freagraim scéala ó. "Cóimhfhreagrann an dá scríobhnóireacht so lé chéile", ars an t-eólgaidhe peannaidheachta, "dearbhuighim gurb aon lámh amháin do scríobh iad". Scéal ná duain níor chuala uaithe leis na ciantaibh – ní chóimhfhreagraimíd ó thuiteamair amach lé chéile: ní scríobhaimíd chun a chéile. Cóimhfhreagair do san, ag bualadh an treaghaire chun na hoibre d'éadtromughadh dho: buail buille ar bhuille leis. Ní chóimhfhreagróchadh choidhche an chnódh so, an phiast atá ar an mbolta, tá sí rófhairsing: ní oirfeadh sé dhi. Scríobhann sé chugham fothuair agus cóimhfhreagraim gach leitir leis: cuirim aithscéala air. Caith uait an peann san tá rinn róchaol air, ní chóimhfhreagrann sé Gaedhilg do scríobh: ní oireann di. Cosa aimlidhthe atá orm agus ní chóimhfhreagrann feidhre as an siopa iad, is éigean dom an gréasaidhe do dhéanamh bróg dom: ní bhíd oireamhnach dom chosaibh. B'fhearr liom gan sibh do labhairt in aonfheacht, ná cóimhfhreagraidh me, agus is fearr do thuigfead cad tá uaibh: ná freagraidh d'aon fhocal.

cóimhghearradh: *f.* (*-rrtha*) gearradh a's lat, an déanamh céadna, ciorrbhadh. Deineadh cóimhghearradh ar thuarasdal na bhfear, coróin sa tseachtmhain do baineadh díobh: cuireadh siar i ndíolaidheacht an méid áirighthe sin iad. Dúil mhairbh aige san bhfeóil ag amharc ar an mbrothaire ghá cóimhghearradh: ghá gearradh 'n-a blúiridheachaibh slachtmhara. Thug sé cóimhghearradh dá theangain dóibh seo a bhíos ag lochtughadh na tíre, nár fhág thíos ná thuas ortha é: d'ionnsaidh sé iad i mbréithribh a chuaidh 'n-a luighe.

cóimhghléas: *f.1.* an cóiriughadh céadna, gléas nó inneall a oireas do cheann eile; cóimhfhearas, cómhchóiriughadh, cóimheagar: ar chóimhshéis, ar chómhthoin. Níl an cóimhghléas buaicis ceart agat do dhoghadán an lóchrainn: an ceann a oirfeadh do. "Cóimhghléas innill do chuireas ar an dá bhád", ars an saor, "an saghas céadna innill agus ar an gcuma gcéadna do shuidheas é". An-olc do sheim an bhuidhean cheóil um thráthnóna, ní rabhadar ar cóimhghléas: ní rabhadar ar chóimhshéis: ní raibh ionannas nótaidhe eatartha. Níl cuingeacha an chéachda ar cóimhghléas a's ní furaiste treabhadóireacht shlachtmhar do dhéanamh: tá ceann aca seachas an ceann eile rócheangailte isteach nó rófhada chun cinn. Stadtar gan mhoill den gceól, níltí in ao'chor ar chóimhghléas, ní sheintear libh ar an dtoin chéadna. Cuiridh i gcóimhghléas bhur bhfidilidhe anois, a's déanfam greas rinnce: i dtiúin. Tabhair an cóimhghléas céadna ar na leabharthaibh seo do thugais ar an gcuid atá curtha dréir a n-úird agat cheana: an cóiriughadh céadna: socruigh ar an slighe gcéadna iad. B'ait liom connus b'fhéidir leis breis ná me do dhéanamh, oibridhe chómh maith leis atá ionam, agus cóimhghléas oibre a bhí againn: an fearas céadna: na húirlisidhe céadna a's an comhthrom céadna.

cóimhghléasaim: *b.a.* cóimhghléas, cuirim san oirear cheart. Cóimhghléas máillidhe seo an rothair a's ná bídís ag imtheacht fuar, fánach: cuir lé n-a chéile iad i bhfearas ceart. Seadh, táimíd ullamh chun bóthair anois, tá gach aonnidh cóimhghléasta againn: curtha san eagar cheart: gach rud san áit gur cheart do a's go n-oireann sé.

cóimhghleic: *b.2.* cómhrac, comhrac beirte. I gcóimhghleic is beag fear do bhuadhfadh air, ach scéal eile dob eadh an iomad do bheith 'n-a choinnibh: i gcómhrac aon fhir. I gcóimhghleic an bháis níl téarnamh ag neach: i gcath leis an mbás ní éaluigheann neach.

cóimhionann: *a.* comhthrom, mar a chéile, frithinnligheach, cóimhfhreagarthach. Cóimhionann aois don mbeirt, an lá céadna saoghaluigheadh iad: an t-aos céadna atá aca. Níl maididhe rámha an bháid cóimhionann i bhfaid: ceann aca níos sia ná an ceann eile. Do bhí faobhar na cómhrann ag gabháil trím ghualainn mar ní rabhas féin agus an té a bhí os mo choinne cóimhionann: dob aoirde é ná me: ní rabhamair ag oireamhaint dá chéile. Tá línte an pháipéir seo cóimhionann: mar a chéile agus an fhaid chéadna idir gach aon dá cheann aca. Caithfear plánaidhe na bhfuinneóg do bheith cóimhionann i bhfaid 'si leathad: an fhaid chéadna agus an leithead céadna do bheith ionta.

cóimhíseal: *a.* ar an ísle chéadna, slinn, tuinn, réidh. Talamh gur furaiste oibriughadh seadh é, tá sé cóimhíseal gan árdán ná ísleán. Dá mbeadh an t-úrlár cóimhíseal ní bheadh an bórd guairneánach air: níl uachtar an úrláir réidh, ar chóimhrian. Bíodh an falla cóimhíseal sara gcuirtear an ceann ar an dtigh: in ionannas aoirde ar a fheadh ar fad. Ní mór ná go bhfuil – b'fhéidir go bhfuil – órdlach nó dhó de dheifridheacht ann – an talamh ar chóimhíseal na mara, níl ach suathadh an-bheag agus scéidheann sí isteach ar fad ameasc na ngort: ar aon rian maidir lé haoirde: ar an libhéal céadna.

cóimhleacaidhe: *f.4.* duine ar chóimhchéim san aiste shaoghalta: ar chóimhrian: duine nó rud in ionannas feabhasa, oilcis nó aon tréithe eile. Bean mhustarach dob eadh í a raibh maoin aice, a's budh bheag uirthe aonne ach a cóimhleacaidhe féin: duine ar chómhaiste. Lean-se, a Liaimín, den gcuideachtain atá agat, agus is maith an tabhairt suas a bhéas ort, mar is iad san a deir do chóimhleacaidhthe leat: cóimhchéilidhe: na buachaillidhe go mbír n-a gcoidreamh. "Fiche acra talmhan atá ge Séamas, cad é an méid atá ag Seán?" – "cóimhleacaidhthe seadh iad": an oiread céadna. Ag an síol gallda so is beag a gcóimhleacaidhthe 'n-ár measc-ne: lucht coidrimh: ní dheinid suas ná anuas lé haonne é ach lé n-a dtreibh féin. Á! 'on diall me! go bhfuil an-chóimhleacaidhe it fhochair ag taisdeal: duine atá an-oireamhnach duit. Ar feadh na mbliadhanta mbuana cóimhleacaidhthe doscartha dob eadh iad: cóimhchéilidhe daoine a bhíodh de ghnáth a's do shíor i gcoidreamh 'si muinnteardhas a chéile. "Cuir do lámh annsan! a chóimhleacaidhe dem mheón féin".

cóimhleacaidheacht: *b.3.* cómhaisteacht: do bheith ar aon rian, ar aon chan, ar aon uaisle nó ísle: cóimhchéileacht: guallaidheacht: cuallaidheacht. Má ghlacair mo chómhairle ní dhéanfair aon chóimhleacaidheacht leis an ndrochchómhluadar san, fanfair uathu: aon tsuas ná anuas, aon bhaint do bheith agat leó, ná lé n-a ngnóthaidhibh. Bíonn cóimhleacaidheacht eatartha lé déidheanaighe, ach is iad ná raibh mar sin tamall: is iad a bhí go nimhneach i gcoinnibh a chéile: muinnteardhas a's coidreamh: bíd ag siubhal ar a chéile.

cóimhleagan: *f.1.* leagan cosamhail. Cóimhleagan atá ar "Mhadra na nOcht gCos" ins an dá scríbhinn: an aithris chéadna. Tabhair cóimhleagan den leitir seo do gach rúnaire aca lé léigheamh dá gcoistidhibh: cóip: macasamhail: aithris.

cóimhleaghadh: *f.* (*-leighte*) táthadh, leannughadh. Indiu lá cóimhleighte an tsneachtaidh agus is fuar é: an t-uisce nimhneach ag gabháil tríd bhrógaibh: táthadh: uisce do bheith ag déanamh de ó theas na gréine nó na talmhan. Thug an dochtúir dhá phiolla dhom ar an dtinneas cinn agus dubhairt iad do chóimhleaghadh ar lánghloinne fíona d'uisce agus d'ól: do dhéanamh leanna dhíobh.

cóimhleaghaim: *b.a. 7 n-a.* táthaim, do ghním leann de nó uisce de, cumascaim. Do chóimhleaghaidh an poitigéaraidhe na gusa a bhí san oideas do fuaireas ón ndochtúir a's bhí ceól innte mar choguas (míodhchain): chuir sé le chéile 'n-a lionn iad. Níl aon ghnóth aca bheith ag cur an mhilleáin ar a chéile i dtaobh caithimh an airgid, chóimhleaghadar go léir é: rinneadar cómhscaipeadh air.

cóimhleanamhaint: *b.3.* leanamhaint i bhfochair a chéile: cómhghaol: cómhbhuannacht: toradh, barr, deasca. Bíonn an chóimhleanamhaint chéadna ag Muinntir Mhurchada a's bhíonn ag Muinntir Dhonncadha orainn: bíonn treabh aca chómh báidheamhail linn agus bhíonn an treabh eile. Is fada fairsing í mo chóimhleanamhaint, tá a rian orm, féach na guthanna go léir do fuaireas ar an dtoghadh: mo dhaoine báidheamhla. Bítear mór leis ach ní dheineann sé aon chóimhleanamhaint, ní dheineann coidreamh ná conbharsáid le haonne: ní bhíonn sé suas ná anuas lé haonne aca. Sin é cóimhleanamhaint mo chinneamhna (thionóisce) anois agam, me bheith bacach lém shaoghal: toradh, deasca, iarsma mo thionóisce.

cóimhleapthach: *f.1.* céile leapan: cómhchodlatóir. Gannchar leapachais a bhí ar an dtigh go raibh beirt chóimhleapthach agam, a's oidhche gan seascaireacht: beirt codlatóiridhe eile sa leabaidh liom. Fan go dtugad aithne dhuit ar mo chóimhleapthach: mo chéile mná.

cóimhleapthachas: (**cóimhleapthanas**) *f.1.* do luighe i bhfochair ar leabaidh. "Is oth linn ná fuil leabaidh ar leith againn", arsa bainisteóir an ósdlainn, "ach gheóbhair aoidheacht maran col leat cóimhleapthachais do dhéanamh lé fear eile": dul in aon leabaidh leis.

cóimhleathad: *f.1.* an leathad céadna. Cóimhleathad an dá thigh idir dhá fhalla – sé troighthe déag gach ceann aca. Saghas báid cóimhleathad tosaigh a's deireadh seadh "Scabha": an leathad céadna.

cóimhleathan: *a.* leathan dréir a chéile, leathan go cóimhleanamhnach (ó thúis deireadh), fairsing. Caitheadh síos i ndabhach cóimhleathan é, mar a raibh fairsinge shlighe aige agus nigheadh ó bhonn trácht é!: dabhach dhoimhin, mhór. Dá mbeadh cómhla an dorais cóimhleathan ní bheadh slighe idir í agus an ursain ge n-a barra anáirde: an leathad céadna do bheith innte ó bhun barr. Bíonn cearnóg cóimhleathan: an fhaid chéadna a bhíos i ngach cois di. Talamhaintidhe cóimhleathana do bhronn Cromaill ar a chuid saighdiúiridhe: fairsinge thalmhan: dúithchidhe móra. Níl an Blascaod Mór cóimhleathan,

is cumhainge in áiteannaibh é ná in áiteannaibh eile: ní haon tomhas céadna é ó cheann ceann.

cóimhleigeant: *b.3.* cóimhchead, cómhscur, cómhshaoirse. Go dtí go bhfuaireas an seantáille ní hé cóimhleigeant daoine eile an tighe do bhí agamsa, is orm do bhíodh an leathtrom dhá dhéanamh: cóimhdhéanamh: an chóir chéadna bídh, dighe, aoidheachta agus ceannúireachta. Caithtear cóimhleigeant do dhéanamh ar árd-ualach, neachtreacha thuitfeadh an ughaim: an dá sciathán do scaoileadh in aonfheacht. "Bíodh cóimhleigeant ges na buachaillidhibh aimsire go léir chun dul ar na ráiseannaibh", ars an máighistir: an cead céadna. Cóimhleigeant agus cóimhcheangal atá ar mhuinntir an tighe go léir: gach duine aca ar chómhaiste lé cách.

cóimhléim: *b.2.* léim an aoirde nó an aoirde chéadna. "Léim Tomás sé troighthe dhá órdlach ar aoirde" – "ar chóimhléim atá sé féin agus an gaiscidheach mar sin, an aoirde chéadna a dícheall san": idir dhá cheann na meádha atáid maidir lé léim.

cóimhlíon: *f.1.* comh-uimhir, cómhoiread. Bheadh sé ag gearán lé cníopaireacht ná raibh a cheart aige gan cóimhlíon a raibh aige d'fhagháil: an méid céadna breise. Táir i dtortaoibh le céad fear, níl do dhóthain agat chun an chnuic sin d'ionnsaidhe, beir leat a thrí chóimhlíon: trí chéad fear. "Cad tá agatsa i gcóir an turasa?" – "chúig phúint" – "tá a chóimhlíon agamsa": an oiread céadna – chúig phúint. Bhíodh cóimhlíon ar shráideannaibh an Daingin gach Satharn, go mórmhór lá aonaigh nuair bhíodh an saoghal go maith: cóimhthionól, bailiughadh mór daoine.

cóimhlíonadh: *f.* (*-nta*) críochnughadh, an rud a bhíos geallta, fáistinighthe, mianuighthe, órduighthe nó ar an aigne do chur nó do theacht i gcrích: do dhéanamh: do mheabhrughadh: déanamh dualgais: aithne do choimeád: déanamh aithrighe. "Má déintear cóimhlíonadh libh ar an ndlighe ríoghdha, déintear libh go fóghanta" (Seámus II. 8). Gheall sé dhom go gcuirfeadh sé ar scoil me mar adhbhar dochtúra, ach níor dhein sé cóimhlíonadh ar a fhocal: níor chuir sé ar scoil me. Tá sé ceangailte orainn, caitliocaidhthe, aitheanta na hEaglaise do chóimhlíonadh chómh maith lé hAitheanta Dé: do choimeád, do thabhairt fé ndeara agus gan a mbriseadh. Níl i dtógaint anama ar son anama ach cóimhlíonadh na dlighe do dhéanamh mar atá leagtha amach ag an ndlighe do bheith ceart. Cóimhlíonadh mo dhualgais seadh an t-airgead so do thabhairt duitse, óir go raibh sé ag t'athair orm: an rud atá ceangailte orm dréir cirt agus mo chogubhais. Trí mhí an tréimhse braighdeanais do cuireadh air, agus beidh a gcóimhlíonadh ann ambáireach: sin é an lá a chríochnóchas an aimsir. Dubharthas sa tarngaireacht go mbeadh an fharraige 'n-a gamhnaigh, agus tá a cóimhlíonadh againn: ní bhfaightear ach fíorbheagán éisc. D'iarras air gual do chur chugham a's dhíolas as, tá sé gan cóimhlíonadh fós aige: níl mo mhian fachta agam. D'órduigh an captaen do gach máirnéalach do bheith ar bórd um mheádhon oidhche, ach chuadhadar ar meisce a's níor chuimhnigheadar air – chuaidh bréithre an chaptaein gan cóimhlíonadh: níor deineadh dá réir. "Ní deacair cóimhlíonadh an tréanais annso", ars an fear grinn, "mar ná bíonn biadh a bhriste againn!": is furaiste fanacht ós na rudaidhibh atá coiscighthe. Chuir an sagart trí corónacha orm mar aithrighe (im pheacaidhibh), ceann aca ní dubhart fós! ní cóimhlíonadh é sin: déanamh mar órduigheadh a's gheallas. Gach geallamhaint dár nasc a athair air ar linn bháis dho do

dhein a mhac iad do chóimhlíonadh go galánta: do rinne sé mar iarradh air. “An dóigh leat?” ar sise go daingean “gur cóimhlíonadh ar ár bpósadh gan éadach do chur ormsa?”: an dóigh leat go bhfuil dualgas fir céile agat dhá dhéanamh?

cóimhlíonaim: *b.a.* cuirim i gcrích foráil nó órdughadh, déinim dualgas, tugaim fé ndeara dlighe nó aithne. Ar chóimhlíonais do gheallamhaint go ndíolfá t’fhiacha sara gcuirfí an dlighe ort ’n-a dtaobh?: a ndeaghais dréir do gheallamhna? ar íocais iad? Cóimhlíonadh na bréithre do labhair an fáidh: an rud adubhairt sé thárlaidh sé. B’é a mhian troid ar son na hÉireann ó bhí sé i gcóta na cabhlach agus Seachtmhain na Cásca cóimhlíonadh san do: fuair sé an rud a bhí uaidh. D’órduigh an bainisteoir don gcléireach an earra dob fhearr do thabhairt dom, ach níor chóimhlíon sé a ghlór, fuaireas díg: níor dhein sé mar fuair sé órdughadh. “Chóimhlíon Dia mo mhian”, ar sise, “fear maith do thabhairt dom”: agus thug: bhronn Dia. Níor cóimhlíonadh riamh é: níor cuireadh ’n-a dhiaidh: níor deineadh san.

cóimhlíonmhar: *a.* sluaighteach, daoineamhail, iomadamhail fé dhaoinibh: an oiread nó an líon céadna: raidhseamhail, tiugh. Bhíodh na cnuic sin cóimhlíonmhar fé mhadraidhibh ruadha gur tugadh nimh dóibh, anois lé ceann ann: iomadamhail: mórchuid díobh. An bhfeiceann tú an gleann fothrach san thíos, bliadhain na gorta, nár chóimhlíonmhar an ceanntar é seo go raibh ocht líon tighe ann: iomadamhail daoine: breis dhaoine. “Níor chóimhlíonmhara gainnimh ar thráigh ná grásta Dé”, ars an seanmónaidhe leis an bpobal ag cur maitheasaidhe Dé n-a luighe ortha: níor lia: níor mhó dhíobh ann. Crannaidheacha cóimhlíonmhara fé ubhlaibh seadh iad, tá toradh trom ortha go léir: ar gach crann tá mórchuid ubhall.

cóimhlíonta: *a.r.* curtha i gcrích, chun cinn, tagtha i mbith. Sin é m’éaradh (mo thabhairt suas) agat, an uile rud do hiarradh orm do dhéanamh tá cóimhlíonta agam, ach níltí sásta, ar an adhbhar san: ní cuibhe dhom fanacht i bhfeadhmannas. Na geallmhaintidhe do thug Dia uaidh, ní baoghal, ná go mbeid cóimhlíonta in iomláin agus in am thráth: tarlóchaidh nó béarfar chun críche gach ceann aca.

cóimhlíontach: *a.* do chur i gcrích: do dhéanamh: do shroichstint. Dá mbeadh sé gan tu d’íoc go ceann fiche bliadhain, gheóbhair do chuid uaidh, duine cóimhlíontach seadh é: duine a dheineas amach dá fhocal. Dhearbhuigh sé go ndíolfí as an éagcóir do deineadh air, bídís seachantach, mar fear cóimhlíontach seadh é: fear a ghníos an rud a deir sé. Dualgas ná comaoin ná braithim ar mo chogubhas cad chuige go mbeinn cóimhlíontach ann?: cad fáth go bhfuasclóchainn iad? Ceann-urradh budh chóimhlíontaighe ná an Sáirséalach budh dheacair d’fhagháil, a dhualgas d’Éirinn i mbaile ’sa amuigh dhein sé é: fear is mó chuir i gcrích an ceart a bhí ag Éirinn ar a chogubhas.

cóimhlíontacht: *b.3.* do dhéanamh dualgais, comhardú comaoine. Cóimhlíontacht a bhearta a thug a bhás do, chuaidh sé ar tóin puill lé n-a luing: ag déanamh an ruda bhí ceangailte air - gan a long do thréigean. Dúthracht cóimhlíontacht maitheasa do deineadh air do bheir do aire do thabhairt don ndíleachtaidhe: díoghras (fonn ceart) comaoin na maitheasa do dhéanamh. Ná bíodh aonne in éadóchas ar cóimhlíontacht briathar Dé, go

maithfidh Sé don bpeacach is dona, a ghnidheas síothcháin is aithrighe: fíorughadh a bhriathar.

cóimhlíontóir: *f.3.* duine a ghnidheas a chúram, a ghnóth dearbhtha. Cá bhfuil cóimhlíontóir is beachta 'sis fírinnighe ná an Bás!: gan teip air.

cóimhmhéad: (**cóimhmhéid**) *f.2.* an oiread nó an toirt chéadna, toirt, méid, líon, uimhir, etc., freagarthach. Cuirtear cóimhmhéid ualaigh ar gach fear agus ní bheidh leathscéal leatthruim ag neach: an mheádhchtaint chéadna, agus ní bheidh cúis ghearáin aca. Cóimhmhéid "a dó a's a trí" agus "a cúig": is ionann iad i gcómháireamh. Cóimhmhéid in aoirde, i meádhachtaint, agus in aois nách mór, dob eadh an bheirt dhóirneálaidhthe: dob ionann iad ar gach slighe ach beagán. 'n-a udhacht d'fhág sé chúig céad púnt ge n-a mhnaoi agus a chóimhmhéid ag aonne dá thriúr mac: cúig céad an duine aca san freisin.

cóimhmheas: *f.3.* (*-ta, -a*) do chur i gcómhnáird, comórtas, cómhshamhlughadh. Nára slán cóimhmheas! ár bhfear-ne agus an truaghthán atá agaibh-se ghá chur in iomarbháidh leis: magadh seadh lithéid bhur bhfir do thásdáil lé n-ár bhfear-ne. Ag déanamh cóimhmheasa idir Arm Shasana agus Arm na Gearmáine do bhíos, a's ní ag moladh ná ag cáineadh chinn aca thar an gceann eile: ag cur an dá airm ar meádh, a dtreise agus a bhfeabhas: ghá dtómhas lé chéile, an chosamhlacht agus an éagcomhsamhlacht do chur lé chéile. Is furaiste an bheirt do chóimhmheas, duine aca láidir a's duine aca lag: ní deacair neart dhuine aca d'fhionnadh. Ní cóimhmheas duit in ao'chor é ar Ghaedhling, is cuma cad thuigeann sé di ná cad is féidir leis de léigheamh, tá an chainnt go dona aige: ní comórtas duit é: níl sé in aon ghiorracht duit in eólas. Na fir atá tugtha suas ar thé a's ar arán plúir cuir i gcóimhmheas iad lé n-a sínsear ná bíodh aca ach arán míne choirce a's prátaidhe a's bainne, freagair me, céaca is sláinteamhla nó is treise?: meáidh a dtréithe agus cuir lé chéile iad. "A Sheáin, is mór agam-sa tusa" – "an cóimhmheas céadna agam ort": tá an cion céadna agam ortsa. "Chuirfinn fearg i gcóimhmheas le teine!": dheallramhóchainn iad. An tionntódh do rinne sé ar an leabhar, dá gcuirtheá i gcóimhmheas é leis an scéal bunaidh d'fhionnfá go bhfuil caibidil cóimhlíonta ann focal ar fhocal: i gcompráid: á gcur lé chéile agus scrúdughadh do dhéanamh ortha. Cóimhmheas idir rudaidhe cosamhla, eidirdhealughadh (dealughadh) idir rudaidhe deifreacha. Ar a dtáinig riamh a's a dtiocfaidh choidhche ní raghainn ar chóimhmheas leat, a shuaracháin: ní raghainn ar chomórtas leat: ní dhéanfainn na rudaidhe do dhéinir, dá bhfaghainn Éire saor air!

cóimhmheasaim: *b.a.* cuirim i gcomórtas, meádhaim an feabhas (idir): cuirim lé chéile chun a scrúduighthe. Cóimhmheas na scríbhinnidhe go léir go bhfuil an eachtra ionta sara gcuirir in eagar í: cuir lé chéile iad agus tabhair do bhreith ortha. Cóimhmheasfaidh sé an dá fhagháltas ar dtúis sara roinnidh sé go comhthrom eatartha é: meádhfaidh sé luach an dá cinn agus cuirfidh agus tómhaisfidh. Nár chóimhmheasaidh Dia me ar mo lochtaidhibh!: nár thugaidh sé breith orm mar tá peacuighthe agam, mar budh bhocht é mo chás.

cóimhmheascadh: *f.* (*-ctha*) do chur trí chéile mar plúr a's mín, uisce a's bainne, etc.: do chumascadh: ilmheascadh. Sid é an cóimhmheascadh – Seán Báidhte! – a's ní rómhaith

an earra é, sé an cumasc gan suiméar é: an cur trí chéile uisce a's beathuisce. Níor deineadh an cóimhmheascadh ceart ar an mbarracht (táthán, "suimint") san, tá an iomad grin i gcuid di a's cuid eile dhi ar chaolchuid: níor cuireadh lé chéile san gcomhthrom riachtanach. Bean luibheann seadh í a's pé asarlaidheacht atá aice, tagtar anoir 'saniar ag lorg cóimhmheascadh leighis uirthe: súghlach iomad luibheann ar mbeith bruithte tairngthe. Dá luighead cóimhmheasctha do bhíonn agamsa leis na daoinibh sin seadh is fearr agam é: an coidreamh nó muinnteardhas: siubhal nó cuaird ortha. An cóimhmheascadh do rinneadar ar an linn lé n-a gcleitheachaibh, gur chorruigheadar an salachar ó thóin an phuill do chuir an teicheadh ar na breacaibh fén bport: an suathadh, an fuirse, an cuardach.

cóimhmheascaim: *b.a.* cuirim trí chéile, cumascaim, mar dathanna nó leannta: ciapaim, corruighim: coidrighim (le). Níor chóimhmheascas leis na daoinibh sin ó scéidheadar leis na Dubhchrónaigh: ní dheaghais 'n-a gcómhluadar. Má chóimhmheasctar "bán" a's "uaithne" gheibhtear dath ruadhbhuidhe: má cumasctar iad: má cuirtear (suaidhtear) tré chéile iad. Dá gcóimhmheascthá brúscar móna leis an gcré thalmhan d'fhásfadh an bhláth sa phróca níos fearr: iad do shuathadh go comhthrom ar a chéile. Ar mbeith don dá chuallacht ceannaidheachta ag dul chun deireadh i dtrácht chóimhmheascadar d'fhéachaint an dtiocfaidís suas ar an gcuma san: rinneadar aon chuallacht amháin díobh féin. Chuir sé spíonóga siúicre ar a chupa agus annsan chóimhmheasc sé é go dtí go raibh sé ar chuma ná féadfá é d'ól lé mílseacht: leaghaidh sé trí chorruighe an tsiúicre ar an dté go dtí ná raibh gráinne ann.

cóimhneart: *f.1.* an neart céadna, oiread nó méid chéadna nirt. Cuma dhuit céaca capall do chuirfir ag obair, cóimhneart atá ionta: an neart céadna: cómhláidir dóibh. Ach a dtiocfad chugham féin, agus táim ar fainnéirghe go maith, beidh mo chóimhneart ionam airís: an neart a bhíodh ionam. Cóimhneart na gcómhacht ar fad do bhuaidh ar an nGearmáin: neart na gcómhacht curtha lé chéile 'n-a haghaidh. Ró-óg do, is fada ó chóimhneart fir fós é: é do bheith chómh láidir agus bheadh fear. Mara mbíonn cóimhneart agat ar do dhá mhaide ní rámhfair i gceart: tú do tharang mar a chéile leis an dá ghéig: cómhtharangt.

cóimhneartughadh: *f.* (*-uighthe*) neartughadh i gcomhthrom: daingniughadh le chéile. Bheadh an falla sin tuitighthe mara mbeadh an cóimhneartughadh do deineadh air, gur cuireadh tacaidhe nó teanntaidhe leis (trostáin, urraineacha). Tháinig Bliúitsear chun cóimhneartuighthe Uilleangton lé sluaightibh fear in aghaidh Neapóilean: chun a chómhachta do thacaidheacht agus do threisiughadh. Cóimhneartughadh ar an gcois leónta cliath do chur léi: fáscadh agus treise. An scéal atá tagtha gur bádhadh an uile dhuine den bhfuirinn deineann sé cóimhneartughadh ar an ráfla fuairtheas indé: dearbhuigheann sé gur fírinne ghlan é. Is fada ó chóimhneartughadh uisce do chur i mbainne: in ionad feabhas do chur air is amhlaidh do laguigheann é.

cóimhneartuighim: *b.a.* cóimhdhearbhuighim, tagaim le, aontuighim an ceart do bheith (ag), treisighim. Cóimhneartóchad-sa thú más airgead atá uait chun na háite do cheannach: bhéarfad-sa dhuit cóngamh airgid. Gearánann Sasana go gcóimhneartuigheann Musailíní agus Hitlear na círéibigh san Spáinn agus gearánaid sin

go gcóimhneartuigheann Sasana riaghaltas na Spáinne: go dtugaid a gcógnamh dóibh. Chóimhneartuigh an sagart é lé gnásaibh na hEaglaise i gcóir an bháis: threisigh sé é: thug sé misneach agus fortacht spiride dho.

cóimhneartuighthe: *a.r.* dearbhtha, treisighthe. An scéala do fuaireas coigthíos ó shoin ghom bhriseadh, tá sé cóimhneartuighthe san leitir do fuaireas indiu: dearbhtha: ghá rádh airís agus ghá chur in iúil go bhfuil sé fíor. Dún cóimhneartuighthe thar barr ní fuláir dob eadh Bheardún, ar an iomshuidhe fhada do sheasaimh an chathair ar na Gearmánaigh gan a thógaint: dún daingean, diongbhálta.

cóimhneasa: *a.* budh ghiorra (dho). Labhras leis an té budh chóimhneasa dhom agus nár mhór an glór a bhí ann a's é gem chluais nár chualaidh me: an té a bhí nách mór buailte liom. Daoine cóimhneasa dhómsa iad san sa bhaile: chidhim an uile lá iad nách mór: buailte liom.

cóimhneasacht: *b.3.* cómharsanacht, foigseacht. Cómhnuighid i gcóimhneasacht dá chéile, is furaiste dhóibh scéala do bhreith chun a chéile: i gcómharsanacht: in aice a chéile. Ar éirghe don gceódh do bhí an long mhór i gcóimhneasacht carraigeacha gránda agus scannruigh a fuireann: an-ghiorracht dóibh.

coimpléas: *f.1.* scrothaidheacht, déanamh na colna, tímcheall. Féach an coimpléas atá aige! níl casóg mhór sa tsiopa a oireamhnóchadh é: an tímcheall cabhlach a's déanamh colna atá aige.

cóimhphréamh: *f.1.* an phréamh chéadna, an túis nó an fhoinnse chéadna. Níl ár ngaol sínte fós, cóimhphréamh dúinn tamall siar: ón dtreibh chéadna do shíolbhuigheamair. Cóimhphréamh don dá ghas, a's ní maith an cómhartha é: as an bpréamh chéadna d'fhásadar. Mo thuairm go bhfuil do chóiriughadh catha féin tugtha agat-sa ar an scéal; ní hionann é a's an ceann atá agam-sa, cé gur cóimhphréamh dóibh: gurb ón áit chéadna thángadar.

cóimhphréamhaim: (**cóimhphréamhuighim**) tugaim préamh (préach): éirighim as an bhfoinnse chéadna: ón mbuntús céadna. Chóimhphréamhuigh ár sliocht i Loch Garman: is ann do shíolbhuigheadar lé chéile a's do chóimhneartuigheadar. Na céadta, céadta bliadhan ó shoin do chóimhphréamhuigh ár sinnsear sa thaobh thoir d'Éirinn: shíolbhuigheadar lé cois a chéile: ón bhuntús céadna dhóibh.

cóimhré: *b.4.* an tráth céadna, an cheannaimsir chéadna, ceanntráth. Do mhair an Sáirséalach a's Rí Uilliam i gcóimhré: do bhíodar ann an t-am chéadna d'aois an domhain. I gcóimhré lé hEoghan Ruadh Ó Néill do bhí Piaras Firtéar: bhíodar 'n-a maireachtaint lé linn a chéile.

cóimhréidh: *a.* libhéalta, socair, tuinn, slinn, ar chóimhrian. Is fada ó bheith cóimhréidh an bóthar so, tá sé lán de chnapánaibh a's de phollaibh: níl a uachtar mar a chéile, ar an líomhthacht chéadna. Cuir an clog 'n-a shuidhe ar chlár cóimhréidh, mar clog ait seadh é, nó ní raghaidh sé ar siubhal: ar bhórd beidh uachtar comhthromamhail. Dheineamair

deithneas mar bhíomair ag gluaiseacht go mear ar bhóthar chóimhréidh: ar bhóthar go raibh uachtar mín air. Siubhaluigh go cóimhréidh, a shaighdiúiridhe, ag éalódh ar an namhaid díbh: ar chéim shocair tómhaiste, éadtrom. Má bhuaileann tú in ao'chor, buail go cóimhréidh, mar rud an-leóchaileach seadh gloine: go héadtrom, cneasta.

cóimhréidheach: *a.* den ré chéadna. Níor bh'fhilidhe cóimhréidheach Eóghan Ruadh Ó Súilleabháin agus Aodhgán Ó Rathaille: níor mhaireadar le linn a chéile. Beirt chóimhréidheach dob eadh Art Ó Gríobhtha agus Mícheál Ó Coileáin: mhaireadar san aimsir chéadna.

cóimhréim: *b.2.* an réim chéadna, fé bhláth in aonfheacht: cóimhceannas. Dob fhada Sasana i gcóimhréim na tíre seo, cead a cinn 'sa cos aice: smacht a's toil aice mar budh mhian léi. I gcóimhréim do bhí Rí Uilliam agus Bainríoghain Máire ar Shasana: bhíodar ar an gcoróin i dteannta a chéile. An chóimhréim atá fé láthair fé chómhachtaibh móra an domhain ag déanamh armála agus lón cogaidh, ar a gcroidhe díchill ghá fhéachaint lé chéile, tiocfaidh rud as: an aiste dhícheallach, fhuadarach atá fútha ar gach taobh tiocfaidh rud (droichbhearta: cogadh) as fós: comórtas lándian. B'fhuraist aithint go n-éireóchadh idir an mbeirt sin sa deireadh, is fada i gcóimhréim iad ag ullamhughadh chun troda: i gcómhrás. Fada a dhóthain do bhí sé bocht, anois tá sé i gcóimhréim: go gustalach. D'fhág trí athraighe móra seóil an Astráil i gcóir Chóibh lé cruithneacht agus bhíodar i gcóimhréim ar an slighe ar feadh dhá mhí gur ghaibh ceann aca amach ar an gcuid eile: ar an gcúrsa chéadna agus suas lé chéile i ndréim gluaiste.

cóimhréimeas: *f.1.* cómhchomórtas, cóimhéilightheóireacht, do bheith ar an gcumas nó cómhacht chéadna. Nuair thagann an Dún Chaoin seo againn agus aon pharóiste ar thuaith an Daingin in iomarbháidh Gaedhilge lé chéile bíonn cóimhréimeas an domhain eatartha: comórtas: d'iarraidh sáruighthe ar a chéile i bhfeabhas. Cóimhréimeas gan doicheall gan díomas ar an gcailín atá idir Shéamus agus mé féin, buadhadh an fear is fearr: comórtas: d'iarraidh an lae do chur ar a chéile. Ní bheadh Sasana sásta cóimhréimeas do bheith ag an bhFrainnc léi ar thalmhaintidhibh do bhaineadar den nGearmáin, gan iad do bheith gan cruisteach fúithe féin: comhbhuannacht riartha. Bíonn cóimhréimeas dian ameasc fuireann iománaidheachta d'iarraidh Chraoibhe Éireann do ghnóthughadh: gach fuireann ar a dícheall d'iarraidh an chraobh do shroichstint trí bhuaidh.

cóimhréir: *b.2.* cóimhimtheacht aon ruda: ionannas: cóimhfhreagarthacht, caomhantacht, réidhteacht, comhchórdadh, cosamhlas. Scríobhnóireacht mhaith seadh í dar liom, mara bhfuil árdsmaointe agus dul ró-líomhtha uirthe, aonnidh amháin, tá cóimhréir uirthe: cóimhtheacht: leanann sí a chéile go soiléir. Do léigheas Scéal Shéadna ag Hailide Sutarland san leabhar san "The Arches of the Years" agus bhí sé ar chóimhréir mar tá ag an Athair Peadar: in ionannas, an trácht 'san cur síos céadna ortha. Tuirsigheadh na saighdiúiridhe, mar ní rabhadar ag gluaiseacht i gcóimhréir, earcaigh ghlasa dob eadh iad: ar chóimhchéim: ag gluaiseacht mar bheadh saighdiúiridhe oilte. Dream gan cóimhréir dob eadh an champlacht do bhí istigh leis, agus b'fhada leó go raibh sé ruagtha aca as cheannas na cathaoireach, bhí a rún air, ó ná réidhtighidís leis, d'éar sé: daoine gan cómhoibriughadh: gan fonn ortha cóngamh do thabhairt. Cad é an diall atá uaidh, más

iasachtaidhe féin é, ná fuil cóimhréir an tighe aige?: an déanamh a ghaibheas gach duine eile bhíonn aige.

cóimhriachtain: *b.3.* (*-tana*) teacht lé chéile, cóimhcheangal. Rinneas féin agus Séamas cóimhriachtain abhaile an lá céadna mise ó Áth Cliath agus eisean ó Chorcaigh: shroicheamair an baile an tráth céadna. Má bhíonn camplachtaidhe poilitidheachta in earrad lé chéile féin in aimsir shíothchána, tagaid i gcóimhriachtain i ngábhadh dúthaighe: tagaid agus luighid lé chéile i gcomhobair.

cóimhriar: *f.1.* an riar céadna, an déanamh céadna. Ní hé an cóimhriar céadna do thugadh Sasana uirthe féin agus ar Éirinn – géirleanamhaint orainne, saoirse dhóibh féin: níor bh'ionann a slighe chun an dá thíre do riaghalughadh. "Anois, a pháistidhe", arsa bean na n-ubhall, "déanfad cóimhriar ar na hubhlaibh seo eadraibh": tabharfad an oiread céadna ubhall do gach duine agaibh.

cóimhriaraim: *b.a.* $_7$ *n-a.* cóimhfhreathálaim, cóimhscaipim, cóimhriaghalaim, cómhthugaim, cóimhroinnim. Ós rud é go bhfuil an oiread san agaibh ann a's nár thárluigh flúirse ar fad bídh agaibh, cóimhriaraidh é d'fhonn a's ná beidh easbhaidh ná breis ar aonne seachas a chéile: roinntear é 'n-a chodaibh chomhthroma. Níl léighe ná báidh ag an ndochtúir sin lé neach dá choigéilsine, cóimhriarann sé ortha go léir: an déanamh céadna do thugann dóibh uile.

coimrighim: *b.a.* ciorrbhaim. Coimrigh do chómhrádh a's seadh is mó a éisteófar leat: má bhír fadghlórach ní raghaidh do labhartha 'n-a luighe ar do lucht éisteachta: bain ded chómhrádh: ná bíodh sé chómh fada agat. Coimrighimís ár n-áiteamh, ní haon mhaith sians do choimeád air: déinimís focail ghearra dhe: éirighimís as.

cóimhrinnceóir: *f.3.* rinnceóir a bheadh mar chóimhchéile ag rinnceóir eile. Ní cóimhrinnceóir d'aonne é, cad tá ann ach ar nós an tairbh ag seasamh ar chosaibh ar dhuine!: níl ann rinnce cóimhfhreagartha do dhéanamh.

cóimhrith: *b.3.* (*-reatha*) do rith fé dhéin, ag rith nó ag rás i ndréim, rás. D'imthigh na beithidhigh 'n-a gcóimhrith ós na "dochtúiridhibh" (earca): ag rith in aonfheacht agus ar séirse. "Connus tá an dreatháir úd leat do fuair an taom breóidhteachta?" – "n-a chóimhrith ag obair 'sag gnóth mar bhí riamh": ag caitheamh a thóna, chómh maith agus bhí sé in aon saoghal riamh. Táir id chóimhrith anois, choidhche airís ní bheir chómh maith: ar fheabhas: it fhear mhaith. Ar feadh dhá chúrsa de pháirc an ráis bhí trí capaill i gcóimhrith, gan oiread pus cinn aca amach ar an gceann eile: ar cómhtharangt, cóimhrian: an fhaid chéadna chun cinn. Cóimhrith dhómhsa seadh Domhnach a's Dálach: an obair chéadna a's an deithineas céadna do bhíonn orm gan aon tsos.

cóimhscéal: *f.1.* an scéal céadna, scéal cosamhail lé scéal eile: an rud céadna. Feirmeóiridhe bochta tá sa cheanntar so, a dhuine chóir, féach ar an ngabháltas beag atá aca. Cóimhscéal againne dhe, gabháltaisidhe suaracha atá againne, leis, san áit gurb as domhsa: an dálta céadna againn. Cóimhscéal dom seadh anois fios do chur ar an ndochtúir nó gan a chur, tá mo ghnóth déanta!: ródhéidheanach fios do chur air anois.

“An bhfuairis leitir ón Roinn (earnáil)?” – “fuaireas an cóimhscéal atá agatsa”: an scríbhinn chéadna atá fachta agatsa.

cóimhscéalaidhe: *f.4.* scéalaidhe le linn scealuidhe eile, nó scéalaidhe a chabhras le scéalaidhe: teachtaire a ránguigheas ar aon uain lé scéalaidhe eile. Tháinig triúr cóimhscéalaidhthe ag lorg m’inghine orm lé pósadh in aon ló: triúr go raibh an scéala céadna aca. “Cé hé ughdar an leabhair sin?” – “beirt chóimhscéalaidhthe do scrígh é”: beirt a bhí i gcómhoibriughadh. Béarfaidh san, dá luighead é, a theachtaireacht go cruinn leis, ní gábhadh do aon chóimhscéalaidhe: aonne chun cabhartha leis cuimhneamh ar an rud atá lé déanamh aige.

cóimhsheasamh: *f.1.* buantseasamh, cóimhleanamhaint. An cóimhsheasamh céadna a bhí ann leis an bPeáirnealach a’s tá ann leis an bPoblacht indiu, gan dul ar seachrán: an leanamhaint dhíreach chéadna do chúis a dhúthaighe. Cabhraimís lé chéile, níl aon rud chun an taoibh eile do chlaoidheachtaint ach ár gcóimhsheasamh: gach n-aon againn do chabhradh lé chéile. Cóimhsheasamh atá aca san riaghaltas: an chéim chéadna agus an chómhacht chéadna. Dá ndeineadh na daoine cóimhsheasamh in aghaidh Shasana ins na tíorthaibh atá fé n-a smacht lé linn a gábhaidh b’fhuraiste í do chur ar lár: éirghe agus cur le chéile. Cé ná fuil ach cúinne de Chaisleán Phiarais anois ann, tá san i gcóimhsheasamh leis na ciantaibh: ’n-a sheasamh ar an gcuma gcéadna d’aindeóin gach screasa.

cóimhsheasamhach: *a.* daingean, dochorruighthe, buandána: tairiseach, dílis. Má bhíodh sé im choinnibh féin bhí meas agam air a’s é bheith cóimhsheasamhach dá thuigsint: dílis: tairiseach. Tógadh falla cóimhsheasamhach ag cosaint an scrogaill talmhan ón míntír istigh: falla daingean do-leagtha. An freasabhra cóimhsheasamhach trí gach saoghal dá oilceas a’s dá aindeisighe dá rug ar Éirinn in aghaidh Shasana, cuireann sé iongadh ar gach Staraidhe: dlúth, doscaoilte. Dá mbeadh iontaoibh agam asat do bheith cóimhsheasamhach id ráidhtibh gheóbhfá an uile chabhair uaim: dá ndéintheá mar deirir i rith an chúrsa go léir a’s gan lagughadh ná atharrughadh do theacht ort.

cóimhsheasamhacht: *b.3.* buanleanamhaint dá thairise: do-atharracht. D’aindeóin a bhfuair Ó Donnabháin Rosa de bhraighdeanas, d’anródh agus de smachtughadh ní dheaghaigh aon lag ar a chóimhsheasamhacht dos na Fínghínibh: d’fhan sé dílis, buan dóibh. Dá fhaid a bhí a grádh uaithe gan fios cá raibh sé níor stríoc a cóimhsheasamhacht, an grádh iomlán céadna do bhí aice go deireadh dála: a buandílseacht.

cóimhsheinm: *b.* (*-mte*) ag déanamh ceóil i bhfochair a chéile. Ar mhoch na maidne anois go bhfuil an t-earrach ann, bíonn éanlaithe na gcraobh ag cóimhsheinm, ’sis aoibhinn a gceileabhar: ag amhrán lé chéile. Is cuimhin liom triúr, ceathrar ceoltóiridhe do bheith ag cóimhsheinm ar phóstaidheachaibh a’s me beag, óg: ag déanamh cóimhcheóil. Bíonn a gcóimhsheinm aca nuair ná faghaid biadh in ullamhacht: nuair ná bíonn biadh réidh ’n-a gcóir bíd ag gearán as bhéal a chéile.

cóimhsheirbhíseach: *f.1.* seirbhíseach nó fóghantaidhe a bhíos in aon fheadhmanas lé n-a thuilleadh dhíobh. Glac m’fhocal leis, nách fada ó aois an tseantáille í, bhíodh sí féin

agus mise ’n-ár gcóimhsheirbhíseachaibh sa tigh móir agus táimse i ngiorracht bliadhna don táille: sinne beirt ’n-ár bhfóghantaidhthibh san áit gcéadna ar an am gcéadna.

cóimhshíneadh: *f.* (*-ínte*) síneadh lé chéile go cómhshnáthach, síneadh mar budh cheart, ag luighe nó ag síneadh ar an uain gcéadna, do bheith in aontadh, do leathanughadh, d’fhairsingiughadh: buanadh: buanleanamhaint. Déaufar cóimhshíneadh ar an eachtra so san gcéad eagrán eile den bpáipéar: leanfar de. Ná déintear tuilleadh cóimhshínte ar an scéal, tá sé fada, breallach a dhóthain, gan breis do chur leis: ná leantar de. Is ar an dtaoide láidir sin is giorra mall na líonta do chóimhshíneadh: do shíneadh amach go díreach, teann gan lúb, gan cor. Táid ag cóimhshíneadh bonn tighe ar an láthair go raibh an seanthigh: táid ghá dheilbh: ghá léiriughadh, ag beartughadh a fhaid agus a leathad. Nuair caitheadh an chéad philéar orainn dheineamair cóimhshíneadh ar an ngort ar ár mbolg ná beadh oiread cao buailte orainn: shíneamair ar faid a’s leithead ar an dtalamh. Má tá na bróga san cumhang duit anois, beir leat, ná déanfaid aon chóimhshíneadh nuair théidheann an t-uisce ionta: nách ag fairsingiughadh do bheid. Nuair fhéachas amach ar an mbóchna ó mhullach an chnuic aoird lá breágh gléineach do chuir a cóimhshíneadh, gan faic ach uisce im radharc, áidhbhéil ar mo chroidhe: an fhairsinge do-thomhaiste go léir gan teórainn. Ar feadh cuid mhór den rás do bhí an dá bhád ar cóimhshíneadh, gan troigh eatartha budh dhóigh leat: ar chómhuisce, cóimhrian.

cóimhshínim: *b.a.* 7 *n-a.* sínim (suas) lé, luighim i bhfochair: déinim oiread sínte (le), leathanuighim amach. Cóimhshínidh bhur mbád linn: cuiridh taobh ar taobh linn í. Chóimhshín na ba i gcúinne an ghuirt mar a raibh fothain aca: luigheadar in aice a chéile. Cóimhshín tu féin a’s ná bí chómh crapuighthe (craptha) sin ar do ghéagaibh: scar do chnámha go maith. Tiocfaidh as an dtéid sin, ach cóimhshínfidh an snáthach leis: raghaidh i gcómhfhaid leis. Chóimhshín an abha ar fuaid na n-innsidheacha lá na tuile: scéidh sí a’s leath amach. Tá ár ngaol cóimhshínte anois, ach ní fhágfadh san ná gur cheart dúinn leanamhnachas do bheith againn ar a chéile: tá sé ioscad i bhfad amach. Cóimhshín an tslat leis an éadach nó ní bheidh an tómhas ceart agat: cuir an tslat díreach gan cor sall ná anall.

coimhtheach: *f.1.* duine iasachta, allmhurach, duine gannchoidrimh. Bhíodar ann anoir a’s aniar idir choimhtheach a’s mhuinnteardha: daoine ná raibh aithne ortha agus daoine go raibh. Coimhtheach nó eile budh chuma leis, bhí fáilte aige rómpa: budh mhar a chéile ’ge n-a chroidhe mór cér bh’iad nó cár bh’as iad. Cuireann an taobh oileáin seo scannradh orm ag an gcuma choimhthigh atá air: cuma neamhmín: cuma neammhuinnteardha. Táir ’n-ár bhfochair, ná bí id choimhtheach: neamhfhonnmhar ar chómhluadar do dhéanamh. Coimhthigh go léir a bhí ag obair mar a rabhas i Lonndain, ní raibh aon Éireannach ann ach me: daoine as thíorthaibh eile: allmhuraigh. Dá mbeidís annso ’n-ár measc trí chéad bliadhain, coimhthigh do bheadh ionta i gcómhnaidhe: eachtrannaigh: bheadh cuma agus béasa daoine iasachta aca. Níor dhein sé aon chéim eatartha, thug sé cuireadh dhóibh idir choimhtheach agus mhuinnteardha: daoine i bhfad amach i gcómhgas uaidh, nó ná raibh aithne aige ortha, nó ná raibh báidheamhail leis.

coimhtheach: *a.* éagsamhail, ait, deóranta, míochuibheasach, gallda, allta, coigcríochach, iasachta: mórchúiseach, leacsteámarach: nár bh’fhéidir leat téidheamh leis. Duine

coimhtheach seadh é ná beadh puinn fonn muinnteardhais air gan aithne do bheith agat air: duine a sheachnas cómhluadar daoine eile. Deoch éigin choimhtheach go raibh blas leamh uirthe do fuaireas lé n-ól uaidh: deoch nár thaithneamh liom. An fhéachaint choimhtheach do thug sé orm, ar bheannughadh dho, budh dhóigh leat nár cheart d'aonne labhairt leis: féachaint ná raibh aon tláthacht innte: féachaint shearbh, neamhfhéicheamhanta. Tréis bheith as a heólas don luing ar feadh i bhfad bhuail sí talamh coimhtheach mar a raibh daoine agus ainmhidhthe a lithéididhe ná feacadar riamh: talamh deóranta, ait. An t-aon duine den gclainn a bhí coimhtheach dob é Seán: do bhí an chuid eile aca cómharsanamhail: neamhchosamhail lé neach 'n-a dtímcheall. Ainmhidhe mór coimhtheach seadh an trod: míochuibheasach: ainmhidhe a chuirfeadh uathbhás ort lé n-a mhéid 'sa dheallramh. Cainnt choimhtheach d'aonne a rádh gur cheart gan na boicht do fhóirithint: cainnt neamhdhaonna ná beadh súil agat léi ó aonne go mbeadh carthain ann. Leig sé scréach (glam, liach, scread) coimhtheach nuair léim an craosaire glan aníos as an bhfarraige ag deireadh na nadhbhóige: béic áidhbhéil, scannruightheach. Talamh coimhtheach lé cur seadh é sin: fiadhain, doibhriste. Is iomdha fear breágh agus máirnéalach maith beartha ag an bhfarraige choimhthigh léi: an fharraige fhiadhain gan cuma lághach ná muinghineach uirthe. Nách eol duit gaol do bheith againn lé chéile, cad n-a thaobh go mbír chómh coimhtheach liom a's ná labhrair: neamhchoidreamhach.

coimhtheas: *f.1.* éagsamhlacht, allmhuracht: fiadhantas: seachnadh cómhluadair. Ní gábhadh dhuit bheith ag déanamh coimhthis ar an dtigh: ag cur isteach air: bheith ag cur as dóibh ann. Ná déin aon choimhtheas ar an mnaoi sin, leig thart í, ní duine mar aonne í: ná déin aon bhac uirthe: scaoil thart í gan bac: ná cuir chúiche ná uaithe. Cad é an coimhtheas do dheineas-sa riamh ort go mbeadh míothaithneamh agat dom: cad é an toirmeasc do chuireas ort? Lé luighe na hoidhche tagann coimhtheas dath ar Cheann Sraithe a chuirfeadh iongadh agus faitchíos ort: dath neamhghnáth, neamhchoitcheann. An coimhtheas allta do chuireann sé air féin a's é ag aisteóireacht: an chuma fhaitchíosach nách dual do. Buail isteach gan coimhtheas: gan aon chuma dheóranta ná iasachta: go muinnteardha, aitheantamhail.

cóimhthigheas: *f.1.* cómhchómhnaidhe, aontigheas. Ó tháinig sé abhaile ón Oileán Úr go drochshláinteach tá sé i gcóimhthigheas a dhreathár: 'n-a chómhnaidhe sa tigh chéadna leis. An oiread céadna do bhí caithte againn ar ár gcóimhthigheas: chuadhamair leaththach ar chostas do choimeád tighe.

cóimhthigheasach: *f.1.* cómhchómhnaidhtheóir. Bheidhfeá in áit iasachta ar feadh do shaoghail agus gan aithne do chur ar do chóimhthigheasachaibh, cé go mbeadh cuid mhaith aca ar bhabhtaidhibh os do choinn agus féd bhun: daoine a bheadh fé dhíon an tighe chéadna leat.

cóimhthigheasach: *a.* i seilbh chómhnaidhthe an tighe chéadna. Daoine cóimhthigheasacha seadh sinn a's ní raibh focal garg riamh eadrainn: cómhnuighimid sa tigh chéadna go síothach, grádhach: cómhchuanaidhthe seadh sinn.

cóimhthionól: *f.1.* bailiughadh, cruinniughadh mór daoine mar bhíonn in eaglais, ar rás, ag cluichidhibh, ag peil nó a lithéid: cuallacht, pobal. Fearfar cóimhthionól poilitidheachta sa Daingean Dé Domhnaigh seo chugainn, d'fhógair an fear cluig indiu é: baileóchaidh cuid mhór dhaoine i bhfochair a chéile ann ar aon láthair. Cuirtear cóimhthionól ar na fearaibh i gcóir na hoidhche ambáireach, ionnsócham an namhaid: bailightear na fir go léir i bhfochair a chéile. Ar chóimhthionól coitcheann cuallachta na hEaglaise Gallda in Áth Cliath do labhair an t-easbog go maoidhteach, ar an gcaradas a bhí idir a thréad féin agus Caitliocaidhthe: ar chruinniughadh chun cúrsaidhe eagailse do chriathairt. Tháinig cóimhthionól an chlochair go léir chun fáiltighthe roimis an easbog: an chuallacht go léir: a raibh de mhnáibh riaghalta sa chlochar. "Budh bheag an cóimhthionól a bhí sa tsáipéal indiu" – "níl na daoine sa pharóiste lé bheith ann": pobal. "Labhraim leis an gcóimhthionól in ainm an ríogh": lé n-na bhfuil de dhaoinibh tímcheall. Bíodh deireadh lé cóimhthionólaibh ar chrosbhóithribh ó cuireadh hallaidhe rinnce a's siamsa ar bun: cruinneáilt dhaoine chun caitheamh aimsire.

cóimhthionólaim: *b.a.* gairimim lé chéile, cruinnighim i bhfochair a chéile. Do chóimhthionóil an ceann urraidh a shluaighte iomlán ar an Éadan Thiar chun seasamh eile do dhéanamh in aghaidh ruathar na namhad: chuir sé le chéile iad chun catha do chur. Ars an gaige a bhí tréis teacht as an Oileán Úr, "cóimhthionóltar a bhfuil de scraistidhibh ar an mbaile! go seasuighead deocha dhóibh": glaodhtar ortha.

cóimhthriall: *f.* (*-ta*) do shiubhal i gcuideachtain a chéile: an taisdeal céadna ar fhaid. Bíonn Sliocht Chothbhaigh (aicme tuinncéiridhe ceanntair) ag cóimhthriall na mbóithre go neamhdhochmamhail ó bhliadhain bliadhain: ag taisdeal i bhfochair a chéile a's gan sos. "Cá bhfuil do chóimhthriall anois?" – "an diall me má fheadar, ach bheith ag coisidheacht rómham ó tá an uain breágh a's an lá 'n-a shaoire": na háiteanna go bhfuil fút cuaird ortha: cad é an áit go bhfuil fút dul. Tréis bhur mbáis chídhfear bhur samhladhtha ag cóimhthriall Chinn Sraithe bíonn sibh chómh minic sin ann in bhur mbeathaidh ag siubhal lé chéile guala ar ghualainn. Ag labhairt lé breis a's duine déarfá, "cá cóimhthriall dibh?" – "i sochraid": cóimhríochtain.

coimín: *f.4.* talamh coimhfhéaraigh, cómhbhuannachta ag baile nó paróiste: áit gan chosaint nách féidir le haonne seachas aonne eile a áis do channtáil nó do bheith ar a chion féin aige, ach a bhaineas leis an bpoiblidheacht nó lé dream áirighthe. Caithfead an dlighe do chur oraibh, tá mo chuid talmhan 'n-a choimín agaibh: táithí ag leigeant d'bhur n-ainmhidhthe bheith ar féarach ar mo chuid talmhan díreach a's dá mbeadh sé de cheart shonnradhach agaibh. Sé coimín an bhaile é a's ní fheadair aon trióntaidhe cá bhfuil nó cá méid a chuid féin de: cóimhcheart ag an mbaile go léir air. "Cad as é?" – "ós na Coimíntidhe": ainm bailte. (coimíntidhe *iol.*)

coimíndeasc: *b.3.* sloigisc, cóip, dráscar, cosamar. Coimíndeasc shuarach ná saileóchainn me féin leo, bheith in aon chómhluadar leo: draoscar daoine. Bíonn coimíndeasc anoir 'saniar bailighthe ar Aonach an Phuic: tionól suaidhteach: suarachán: cóip.

coimíneacht: *b.3.* cóimhcheart féaraigh ar talamh gan éileamh sonnradhach. Níl sé dleaghthach agat do bhuannacht ar choimíneacht an bhaile do thabhairt mar chead féaraigh d'aonne eile: cóimhfhéaranach ag dream áirighthe.

coimirce: *b.4.* [**comraighe**] codhnasacht, cosaint, daingniughadh, comraighe, tearmann, eineachlann. Comraighe (comaraighe) m'anama ort, a Dhia, ón ndiall a's ó n-a chathaidhibh: cosaint agus slánughadh m'anama ar do chúram. "Mo chomaraighe thu!" maith an fear: is iongtach mar tá déanta agat. Comaraighe dhom id thigh, táthar ar mo thóir: cosaint a's fascadh, fógraim ort. "Mo chomaraighe ort" ars an saighdiúir bocht nuair bhítheas chun é do lámhach: bítear trócaireach liom. Ag gabháil trí shráideannaibh iargcúlta na cathrach do bhuail fear galánta léi agus do nasc sí comaraighe air: d'athchuinigh sí air í do chosaint. Comaraighe (coimirce) Dé orm anocht, is me atá i gconntabhairt: go gcosnuighidh a's go bhfascaidh Dia me. Ar chlos ghnímh ait nó bhreallaigh do bheith déanta ag duine, mar míle púnt do chaitheamh ar rud gan ghanntar, deirtear "mo chomaraighe é!" lé seanbhlas. Nuair chonnaic sé go raibh beartha air ní raibh aige ach dul ar chomaraighe a lucht coimeádta: a dtearmann d'iarraidh. Cuireadh an eaglais sin ar mbeith tógtha fé chomaraighe na Maighdine Beannuighthe í: fé chodhnasacht: fé thearmainn, chosaint agus bhail na Maighdine.

coimirceach: [**comaraigheach**] *a.* cosantach, tearmanach, codhnachais, comaraigheach. Do shín Dia lámh chomaraigheach air a rug saor as gach anródh é: lámh chosantach. Lucht comaraigheach léighinn a's seanchaidheachta riamh dob eadh na Gaedhil: lucht cosanta ar cóimhchéimnighthe léighinn.

coimircighim: (**comaruighim**) *b.a.* cosnaim, díonaim. "Nách áidhbhéil an phudhair an dathad fear san do báthadh, go gcomaruighidh Dia sinn ar gach olc": go gcosnaidh, go ndíonaidh: nár leigidh Sé aon chinneamhaint dhíobhálach orainn ná ar na Críosdaithibh. "Dia dhuit" – "go gcomaruighidh dhuit": go raibh Dia ghod aire. Is minic do chomaruigheas é agus gábhadh aige leis, anois nuair ná fuil bac ná cosc air teacht a's imtheacht ní fhéachann sé siar orm: is minic do dhíonas é: do thugas fasc, fothain a's biadh dho.

coinbhliocht: *b.3.* coimheascar, cómhrac, comhlann, coinscleodh, sonnadh. I gcoinbhliocht aon mhí amháin do chaill na Cómhachta Cómhair na mílte mílte fear ar Thul Éadain an Iarthair (sa bhFrainnc) gan oiread a's caonaidhe a bhaineas leis an namhaid fiú amháin d'fheicsint: san gcoimheascar: san iombhualadh dásachtach. Coinbhliocht fhuilteach: cómhrac dian: coimheascar feargach, teangbháil shalantais: imreas foiréigneach. I gcoinbhliocht síor lé h-éileamh a's dúil na colna agus ag coimheascar d'iarraidh an lámh uachtair d'fhagháil ortha samhluightear dom daoine deaghbheathacha ar aiste smachtuighthe agus mian diúlta. I gcoinbhliocht an bháis a's na colna is calcuighthe an croidhe ná caoineann a chlaonta a's a pheacaidhe: sa dtroid uathbhásaigh, dhásachtaigh dheireannaigh sin.

coinfheascar: *f.1.* an chróntráth, eadarsholas, clapsholas, amhscarnach, camhaoir (na maidne), eascar lae a's oidhche, tuitimín oidhche. Lé coinfheascar na hoidhche is aoibhinn liom suidhe fé dhoirchiughadh na néal ag déanamh mo smaointe a's m'aghaidh

agam ar an mbóchna: a's an tráthnóna ag maolughadh 'na oidhche. Éirigheann an t-iasc ar barra leis an gcoinfheascar, nuair bhíonn an solas ag tréigean: tuitimín oidhche. A dhearbhughadh gurbh é a bhí ann budh dheacair san, mar bhí an coinfheascar go trom ann: ní mór ná go raibh sé 'na oidhche dhorcha. Ó fhuinneógaibh lae go coinfheascar ní théidheann suas ar mo chois: ó bhreacadh lae go tuiteam oidhche bím ag corruighe ag déanamh gnótha éigin.

coinfheascrach: *a.* déidheanach um thráthnóna. Lé linn na h-uanach breághtha fanaid coinfheascrach sa ghort d'fhonn an obair do luathughadh: níos déidheanaighe ná mar is gnáth. Ná tair ar uain choinfheascraigh mar tá an bealach olc, bíodh do dhóthain den lá agat: ná tair leis an oidhche.

coingbhighim: (**congbhaim**) *módh órd.* coingeibh (*a-bh* coingbheáil, congbháil, coingeabh) buanuighim, coscaim, staonaim, seachnaim: cothuighim, tactuighim. Coingeibh do lámh dom go dtugaid bas airgid duit!: sín amach í a's a bas anáirde. Coingeibh do mheabhair anois in áit iasacht a's ná himthigheadh do chuid airgid ar aon droichriar: coimeád id sheilbh é. "Coingeibh!" (do ghreim): beir (ar rud a caithfí chughat) nó beir go daingean (ar rud do bheadh agat): ná leig uait ar do chluais! "Coingeibh an greim atá agat!" deirtear lé duine a bheadh ar tí malartuighthe nó fágtha áit do bheadh aige nó go mbeidhfí d'iarraidh a dhíthshealbhughadh: ná tréig t'ionad: ná tabhair suas faic dá bhfuil agat: fan sa tsuidheachán atá agat: ná tair amach fé dhroichshín má tá áit dhaingean agat: luigh leis an méid atá agat: aonnidh a fuairis nách lé haonne coimeád é. Coingbhidh air anois, a bhuachaillidhe, táithí ag imirt go maith: leanaidh ar an bhfuadar san. Coingeibh air, bogfaidh sé fós: ná tagadh aon staonadh ar do neart. Coingeibh chugham, táir rófhada uaim: tair agus fan níos giorra dhom. Coingeibh uaim nó is tinn duit: mara bhfanair uaim beir thíos leis. Coingeibh den gcnoc san indiu, tá sé fuar, fliuch: fan de: ná téidhir air. Coingeibh an duscán so dhom go dtagad ag triall air anocht: cuir i dtaisce dhom é. "Coingeibh fé", déarfá lé hárus a bheadh agat fé leann a bheadh ag teacht as árus eile nó a lithéid. Coingeibh farram a's ní baoghal duit: fan im fhóireamh: im chosaibh: lem chois: im chuideachtain. Coingeibh leó ag tógaint uatha a's ní bheidh aithreachas ort, daoine galánta seadh iad: bí ag tráchtáil leó gan sos. "Coingeibh uaim!": séan a's seachain me. Coingeibh rómham go mbeidh radharc agam ort, ní hiontaoibh liom laistiar thu: bí rómham amach i gcómhnaidhe. Coingeibh an snáithín tríd an gcródh: ná leig as é. Coingeibh umat do chóta mór, lá goirgeach fuar seadh é: coimeád ort í. Coingeibh an capall nó rithfidh sé: coimeád é: coisc é. Coingeibhidh siar, sibhse, a's tugaidh comhthrom dom chuige: ná bídh ag brughadh isteach orm. "Coingeibh, a Sheáin!" – "coingbheóchad cheana": is me a dhéanfas san, ná bíodh eagla ort. "Cé choingbheóchaidh anois é go bhfuil a chuid caithte aige?" – "tigh na mbocht!": cé chothóchaidh é. Ná coingeibh olc d'aonne, ní haon deaghchomhluadar é: ná bíodh sé do shíor it aigne. Choingbheóchadh an téad san long duit: choimeádfadh (lé n-a neart). Dá me thu d'fhanfainn ar an dtalamh tirim indiu, coingeibh an t-anam faid fhéadfair: bí níos ceanamhla ar do bheatha. Coingbhigheadh i gcarcar gan tásdáil é ar feadh bliadhna: níor scaoileadh saor é.

coingeabh: *b.2.* breith (ar), coimeád: teóra, cosc, srianadh. Chómh teasaidhe sin ná fuil aon choingeabh aige air féin go sádhfadh duine nuair bhíonn an néal air: aon chosc ar a

dhroichmhianach. Is fuadarach atá cómhachta an domhain ag cruachadh armála, gan aon choingeabh aca ortha féin i dtaobh airgid ná costas: srianadh, gan aon chosc leo: flúirse airgid a's costais aca lé harmáil. "Cogar dom, cad é an coingeabh atá agatsa ar an sparán do fuairis amugha? dar ndóigh ní leatsa é?": coimeád: fonn gan a thabhairt uait. Ó tháinig an tinneas uisce air bliadhain ó shoin níl aon choingeabh ar a chuid fuail aige: coimeád: bheith i ndán gan a scaoileadh uaidh dá aindeóin. Tá coingeabh éigin ar an bhfear so, b'anna(mh) leis bheith chómh coinfheascarach so: chómh mall, déidheanach, tá rud éigin dá mhoilliughadh ar theacht. "Dá mbeadh cnagaire de bheathuisce mhaith caithte agam", ars an gliogaire, "níl fear i gCúigeadh Mumhan ná treascróchainn, ní bheadh aon diall choingibh liom: níorbh fhéidir me do staonadh. "Cad é coingeabh an chrúsca san?" – "bainne": cad atá ann? Dheineadh na báillidhe coingeabh dhá uair lé mí ar a chuid earraidhe, ní fuláir nó tá iomad fiach air: tógaint: gabhadh lé cómhacht dlighe iad. Bí ag coingeabh im choinne leis an dtaca go mbuailead i gceart an tairnge: ag teanntughadh leis an rud go bhfuilim ag cur an tairnge ann. Bí ag coingeabh i gcoinne na gaoithe nó caithfear ar an dtalamh sinn: fan léi: ná himthigh léi: teann léi. Bí ag coingeabh liom: bí ag druideam liom a's ag coimeád go dlúth liom.

coingeibhtheach: *a.* greamuightheach, doscaoilteach, congbhálach, docht, neamhscaipightheach, coimeádach. Is maith an rud gan bheith rórabairneach, ach ní measa é ná bheith róchoingeibhtheach air: coimeádach, gan fonn a leigthe uaidh do bheith ar dhuine. An bhfuil an t-árus san coingeibhtheach? mara bhfuil níl aon ghnóth oile do chur ann: an gcoimeádann sé lionn gan é do shilleadh as. Cuireadh clocha cúinne coingeibhtheacha san dtógbháil sin, agus a rian air sé an tigh daingean é: greamuightheach: nách furaiste do bhaint ná do bhogadh. Rugas greim coingeibhtheach ar an dtéid a's iad ghom tharang ar bórd leathbháidhte: greim gur dheacair me do scaramhaint leis an dtéid. Duine ná cuirfeadh aon duadh air féin seadh é le haonne eile gan adhbhar maith, tá sé an-choingeibhtheach air féin: seachantach, coigilteach ar shaothar a chuirp. Níl aon tairnge dár chuir sé ná raibh coingeibhtheach: coimeádach: daingeanchurtha, docht do tharangt nó do mhúscailt as a ngreim. Nách coingeibhtheach atá Sasana ar Éirinn?: nách deacair léi scaramhaint linn. Níltear coingeibhtheach ar an rud a bhíos ar siubhal sa tigh air, a's cad é an chúis ghearáin atá aige?: ní bítear sprionnlaithe ná cumhang leis. Is coingeibhtheach an greim a bhíos ag eascúin fharraige go mbeadh a fiacla i rud tréis an cúl aice do ghearradh: docht, daingean, doscaoilte.

coingheall: *f.1.* (*iol.* –acha) margadh, cor, daingean, úd, acht, rud éigin a bheadh ceangailte (ar), alt aontadhtha, cuing, cód, urradhas. B'iad coingheallacha (coinghill) an phósta go mbeadh dhá chéad púnt san mbliadhain mar airgead póca ag an mnaoi óig: cor: rud ceangailte dréir tola a's dlighe do thabhairt di. Cad iad na coingheallacha atá ag dul lé fagháil na gcránta so ón riaghaltas?: cad iad na cuir nó na margáintidhe ar n-a bhfaghfar iad? Ar aon choingheall amháin gheóbhair mo ghluaisteán, a gheallamhaint dom go mbeir ag baile leis an lá: ar aon chor amháin: ar mhargadh go n-aontóchair leis agus a cheangalóchair ort féin. Buidheach 'o Dhia, nílim fé choingheall ag aonne, táim chómh saor leis an ngaoith!: nílim fé chomaoin ag aonne: ní fhéadfadh aonne a rádh go bhfuil so ná súd aige orm. "Coingheall mo mhóide, mo lámh": an rud do gheallaim duit do chuirim mar chuing nó mar chód orm féin do dhéanamh: tugaim mo lámh mar urradhas leis. Chuir sé de choingheall orm púnt sa mhí d'íoc as an ngléas eadarbhuaise maidir lé deich

bpúint airgid síos: gan an gheallamhaint sin do thabhairt do ní bhfaghainn uaidh é. Ná bí ag brath air aon ghnóth géibhinneach ná tábhachtach do dhéanamh, craiceann gan choingheall seadh é: níl aon tseasamh lé n-a mhóid ann: réabfadh sé a bhriathar mhóide fiche uair ist ló! "An misde dhom an leanbh so do chur ar t'iontaoibh as so go hÁth Cliath? an dtabharfá aire dho?" – "coingheall go cúl mise!": ná bíodh eagla ort go gclisfead ar do mhuinghin asam.

coingheall: *f.1.* dúthracht, féicheamhantacht, buantseasmhacht a mbeadh ionat do dhéanamh gan ghriogadh gan ghríosadh. Níor fhear róláidir é, ach budh mhór an sceón an coingheall (oibre) a bhí ann: an fonn agus an luighe léi chun í do chur chun cinn. Capall an-láidir seadh é, ach níl coingheall capaill eile ann: ni bheadh sé chómh fonnmhar luighe air féin thar an áirighthe sin dá mbeireadh cruaidh air. Is diall an coingheall atá san gcigire sin ar son na Gaedhilge: dá mhéid anródh agus freasabhra agus fuairthéidheacht a gheibheas sé ós na daoinibh, coingbhigheann sé air gan lagadh spiride. Rith an capall le "Séamas Beag" agus shaoil sé go raibh deireadh a laetheanta istigh, léim an "Seanduine" i gcorplár an bhóthair, chaith dhe a chasóg agus rúid ar cheann an chapaill rithte í, gur stad sé ar an láthair! Nár mhór an coingheall i bhfear tonnaosta é: fonn agus toilteanacht gníomh fóghanta do dhéanamh. Tháinig sé chun mo chóganta nuair connacthas do go raibh iarraga ar mo chuid oibre, mar tá an coingheall ann: an dúthracht croidhe chun maitheasa do dhéanamh a's gan bheith coigilteach air féin. "Tabhair dom", ars an t-oifigeach Sasanach "Éireannaigh ar pháirc an chatha a's thabharfainn aghaidh ar an saoghal mór leó, mar tá coingheall ionta": fir fhéicheamhanta ná clisfeadh ort, a dhéanfadh a ndícheall gan bheith ghá mbrostughadh chun troda.

coingheallach: *a.* cuir, geallamhaintidhe, margáintidhe, ceangail, daingin do bheith ag baint le, dréir téarmaidhe aontadhtha: dílis do chuing. Obair choingheallach í seo, agus ní hé gach aon ghabhgaidhe a gheóbhas í, mar is róthábhachtach í agus an té go dteipfeadh air chaithfeadh díol aiste: obair go leanann cuing urradhais í. Fuaireas iasacht an leabhair go coingheallach, go n-íocfainn as aon ósbairt d'éireóchadh do faid bheadh im sheilbh: go hurradhasach: chuireas mé féin fé chuing éiric do dhéanamh san leabhar dá laittí é nó dá gcailltí é. Níl ort anois go coingheallach d'íoc as an dtarbh, ó tá sé slán, folláin fé mar gheallais, ach an dá phúnt d'íoc leis an Riaghaltas a's é d'fhilleadh ortha: dréir an cheangail dhleathaigh do chuiris ort féin leó. Níor thugas uaim acht geallamhaint choingheallach go mbeinn ann má bheidís féin ann: geallamhaint ná raibh iomlán: geallamhaint a bhí ag brath ar rudaidhibh áirighthe eile.

coinín: *f.4.* ainmhidhe beag ceathairchosach cogantach i gcosamhlacht an ghirrfhiaidh agus dá aicme, ach é do bheith níos lugha agus go dtaighdeann san dtalamh – rud ná deineann an girrfhiadh. "Is fearr greim de choinín ná dhá ghreim de chat": is fearr leath a bhfuil agat ná a dhá oiread den rud ná fuil. "Ní bheadh anam coinín air": duine mín, macánta nách marbhóchadh coinín dá mhéid díobh ann agus a ndéinid de dhíobháil. "Níl oiread coinín ann": deirtear le hainmhidhe suarach, beag.

coinncín: *f.4.* smuilc, srón bholgach, geanncshrón: tímcheall an bhéil a's na coinncíne. Bhuail sé isteach sa choinncín me: sa tsróin nó tímcheall an bhéil, a's chuir fuil shrón a's fuil fhiacal liom. D'aithneófá ar an gcoinncín atá air nách maith an earra é: ar a

dheallramh tímcheall a shrón. “Duine neamhmaiteach, achrannach seadh é” – “sin é coinncín atá air”: soc, smuilc: srón, béal a’s pus. Féach an coinncín srón atá air: soc srón ar nós con nó geanncshrón ar nós muice! Cuirtear fáinne i gcoinncín na muice nó tómhachfaidh sí an gort: i bhfaobhar an phuis uachtaraigh chun a cosctha. Tháinig coinncín air gur eitigheas é: smailc, míoshásamh a aithneófá ar thímcheall a shrón ’sa bhéil. Cuirfidh sé coinncín air aon rud do lorg ar cáirde air: grainnc air: míothaitneamh. Bíonn coinncín éigin i gcómhnaidhe air: míoshásamh gan chúis: gruaim gan fáth, gan adhbhar. B’fhios domsa gur bh’fhada ’n-a choinncín aige dhom é agus go n-agróchadh an t-olc orm nuair gheóbhadh cao: go raibh sé istigh aige dhom: go rabhas im dhuine nár chumhra ’n-a shróin!

coinncíneach: *a.* bolgshrónach, barrchas-shrónach, soifheirge, fiosrach. Níor mhaith liom puinn coidrimh do bheith agam leis, is furaiste duine coinncíneach do dhéanamh de: is furaiste smuilc nó gruaim do chur air. Ainmhidhe coinncíneach seadh muc, ní headh capall: pus bolgtha, éirightheach. Ainmhidhe fadchoinncíneach seadh cú: fadphusach. Ná tóg mo chuid cainnte chómh coinncíneach a’s go mbeadh tuaisceartacht ag teacht ort: ná bí chómh tógálach san. Duine coinncíneach seadh thu, mara mbeadh gurb eadh ní bheidhfeá ag cur do chinn i ngach scéal a’s cúrsa a’s ag lorg eolais: fiosrach: fiafruightheach. Ní maith liom gárdaidhe ná póilínidhe, bíd róchoinncíneach: bíonn an iomad cúntais uatha: teastuigheann uatha fios gach ruda do bheith aca.

coinncíneach: *f.1.* duine fiosrach, duine soifheirge. Coinncíneach ná faghfá focal síthbhialta den gcainnt uaidh, ach snap ar nós na muice: duine neamhthláth. Coinncíneach a bhíos ag rith ó thigh go tigh ar lorg bíodáin a’s cúlchainnte: bunránach gan mheas air féin: suainseánaidhe.

coinne: *b.4.* súil lé, áit dála, teangbháil, braithstint nó motháilt roim ré ar rud lé teacht nó lé tarlachtaint, olc nó maith. Ní raibh aon choinne againn leis nuair bhuail sé an doras isteach: tháinig sé ’n-a iongadh orainn: ní raibh súil leis: ní raibh rabhadh, rathughadh ná fógra againn lé n-a theacht. Bíonn coinne liom nuair théidhim ar cuaird chúcha, mar cuirim leitir mar rathughadh rómham: mar fhógra mo riochtana. Is beag coinne leis an olc a bhí agam nuair léimeadh rómham ar an mbealach a’s lámhachadh me!: ní raibh súil ná amhras agam ar a lithéid: fógra ná éachtaint air ní raibh agam. Bíonn coinne ge gach aonne lé n-a bhás, luath nó mall: súil leis: bíonn a fhíos ag cách gur teangbháil dhearbhtha é an bás céadna. Bím ag coinne gach aon lá lé leitir óm mhac nár scrígh leis na bliadhantaibh: mo shúil anáirde agam: dóchas agam go scríobhfadh sé. Níor tháinig an scéala so in ao’chor gan choinne orm, fuaireas éachtaint air ‘ó phríochán dubh’ éigin: fuaireas tagairt bheag air ó dhuine éigin ná hainmneófar, go mbeadh a lithéid chugham. Shocruigheas coinne leis bheith san Daingean Dé Sathairn in áit áirighthe ar am áirighthe: bheartuigheas lé n-a chead ’sa thoil áit a’s am chun buailte uime. Dá fhaid do bhíomair ag feitheamh leis, a’s a shúil nách mór curtha dhinn againn, tháinig lá na coinne: an lá go mbuailfimís lé chéile. Toisc sibh bheith ’n bhur gcómhnaidhe i bhfad ó chéile b’fhearr dhíbh lá coinne do dhéanamh: beartughadh nó spriocadh ar lá áirighthe chun teacht lé chéile. Sid é an t-ionad coinne do bhíodh ag Riobárd Eimit a’s ag Sorcha Ní Churráin: is annso ar an mball so do bhuailidís lé chéile. An oidhche ag dul thar druim, a’s a fhaid liom ná raibh sé ag teacht, chuadhas ’n-a choinne: d’imthigheas ar an mbóthar budh

cheart do do thabhairt air féin ag teacht abhaile, lé súil go bhfaghainn é. “Is fearrde an t-oineach mall druideam ’n-a choinne”: an rud ná tagann lé croidhe fial nó ná tagann in umhlacht ní misde druideam ’n-a threó. Bí im choinne ag stad na traenach ar a seacht a chlog, beidh sí in ionbhaidh riochtana an uair sin: bí ann chun buailte liom. Téidhir i gcoinne na mbó: téidhir ag triall ortha: má tháid ar an slighe abhaile bagair leat iad. Suidh os mo choinne thall annso: os mo chómhair. Os coinne an tighe amach tá gáirdín: ar a aghaidh amach díreach. Sheasaimh an bheirt aca os choinne a chéile: aghaidh ar aghaidh. Cuirfead geall ná déarfadh sé os mo choinne na nidhthe a bhíos dhá rádh aige laistiar díom: im chómhair, im láthair. Bír im choinnibh ar gach rud: bír im aghaidh: ní aontuighir liom. Raghaimíd ’n bhur gcoinnibh i gcluiche cártaidhe: ragham i gcomórtas libh. Talamh maith atá aige ach ’n-a choinnibh sin tá cíos trom air: ’n-a aghaidh sin: ach ar a shon son. Tuilleann sé airgead trom, ach ’n-a choinnibh sin bíonn air cáin mhór teacht isteach d’íoc: ní fhágann san an saoghal chómh maith aige a’s thaidhbhseóchadh ar dtúis. Cuir as do láimh i gcoinnibh an fhalla do bhata: luigh leis an bhfalla ’n-a sheasamh é. Beidh trácht mhaith ag Éirinn fós – ní déarfainn id choinnibh: ní déarfainn ná go mbeidh. Ní chuirfinn i gcoinnibh aonne go mbeadh an tslighe cheart aige: ní labharfainn na ní dhéanfainn aon rud a bheadh ag teacht treasna air. Siar do bhíomair ag gabháil a’s gaoth aniar a bhí ann – gaoth ’n-ár gcoinnibh dob eadh í: in ár n-aghaidh: neamhfhabhrach. Chuaidh an saoghal ’n-a choinnibh, gach aon rud go raibh a chuid airgid ann do theip sé: níor éirigh an saoghal leis. “Cad atá dhá bhreith i gcoinnibh an fhir seo?” d’fhiafruigh an breitheamh: “cad tá dhá chur ’n-a leith?” Cuirtear a mhaitheasaidhe agus a lochtaidhe i gcoinnibh a chéile a’s féachtar an duine ionraic é: meáidhtear iad a’s feictear an fear macánta é. Cuirfead ’n-a choinnibh ar an dtoghadh: raghad i bhfreasabhra leis. Cad tá im choinnibh sa leabhar (cúntais)?: cad iad na fiacha atá orm? Bhuail an dá ghluaisteán i gcoinnibh a chéile: bhuaileadar ar a chéile ag teacht i mbéalaibh a chéile. Aistrigh an solas san tá sé i gcoinnibh do shúl: ar a n-aghaidh a’s ghá ngriogadh. Beag an fonn a bhí air dul ag siubhal, i gcoinnibh a chos do chuaidh sé: ní raibh aon phioc dá thoil leis: go leasc, righin. B’anródhach an siubhal dul i gcoinnibh an chnuic: suas i gcoinnibh an aoird: suas taobh an chnuic. Níl faic id choinnibh agam: níl fiacha, milleán, cúis, stainncín, éad ná rud ar bith eile agam duit im chlí. Dar liom gur ar a haondéag a chlog d’fhágadh an post, chuadhas lé leitir thábhachtach ann, gan puinn deabhaidh, agus fuaireas amach gur ar a deich a chlog d’fhágann sé, budh mhór an neamhchoinne san dom: díombáidh mór: cur as dom. Bhuail sé a cheann ar an solas le neamhchoinne a’s leag: gan choinne, gan aon chuimhneamh riamh aige go raibh a lithéid ann nó dá aindeóin: go neamhthuiseach.

coinneal: [**coinneall**] *b.2.* (-nile, -nle *iol.* coinnle) néal feirge, scáird: geir nó céir i dtímcheall buaicis a’s a ghníos solas, bladhm. Is mór mar chuaidh sé as, tá sé chómh caithte lé coinnil: lom, tanaidhe. Tá caitheamh na coinnle ag dul air: ag caitheamh i ndiaidh a chéile mar bheadh coinneal ar lasadh: gan aon dul as aige. Ní haon choinneal fé dhabhaich an fear so, is eól do gach aonne a ndéineann sé: ní bhíonn ceilt aige ná ganfhiosaidheacht ar aon rud. Coinneal adhanta seadh an créatúir, ní dheárna sé olc ná díth d’aonne riamh: duine naomhtha. Coinnle múnla a bhíodh fadó annso: coinnle do leigheadh na daoine féin i múnla as an ngeir leactha. Cuma anshuaidhte atá an aimsir seo ort, deasca na coinnle áirneáin, is dócha: ag obair déidheanach san oidhche. Déanfar coinneal-bhádhadh ort má théidhir i gcoinnibh na hEaglaise: do ruagadh ó chomaoin na

hEaglaise trí aithbhear na hEaglaise. Bádhadh an choinneal air: ruagadh ó chomaoin na hEaglaise é. Níl coinnle calaidh ná caladh againn, fairír géar!: soillse a threóróchadh chun talmhan i ndoircheacht sinn. Nách mór an fuacht a bhí ann, an t-uisce a séidtí ar an dtigh dóighte go mbíodh sé 'n-a choinnlibh reódha sara dtuiteadh ar an dtalamh: péacán uisce cruaidh ag an bhfuacht. Siúd é an áit fhuar go mbeadh coinnle reódha ar do chroimbéal amuigh: péacáin fhada i ndéanamh coinnle agus iad 'n-a lic oidhir. Is gearr go mbeidh na coinnle air (go lasfar an choinneal air): go mbeidh sé marbh sínte ar an gclár (a's na coinnle ar lasadh mar is gnás). D'imtheóchadh duine aosta ar nós na coinnile: raghadh sé in éag díreach mar mhúchann an choinneal i ndeireadh a dóighte: gan aon choinne agat cathain. "Tabhair an choinneal mar thugais an t-órdlach": ná staon anois: pé duadh atá beartha ort fuilng go deireadh. Capall lúthmhar seadh mo chapall, ach ní choimeádfadh sé coinneal don gcapall eile: níl aon bhreith aige air: ní choimeádfadh sé solas do: d'imtheóchadh sé as radharc mo chapaill lé siubhal a's fuinneamh. Tá coinnle Dé ar an spéir anocht: na réilthínidhe. Coinnle corraigh: planndaidhe bleibíneacha: blátha go mbíonn an bleibín chómhcheanglach lé bioth (gleóchán) a's an bhláth gorm i ndéanamh cluigín (chuirimís sughlach an bhleibín chun billeóga leabhar do dhlúthughadh a's d'fháscadh, a's budh mhaith é). D'imtheóchadh duine (a bheadh lag lé breóidhtigh nó aosta) ar nós na coinille: d'éagfadh i ganfhios duit, gan choinne.

coinneal-bhádhadh: *f.* (*-dhtha*) ruagadh sealadach nó síor ar dhuine chionntuightheach ó choidreamh (cóimhchéileachas) na hEaglaise: loc eaglaiseach. Deineadh coinnealbhádhadh ar an Ochtmhadh hAnnraoi: chuir an eaglais uaithe é. Má leanair den bhfuadar olc atá fút déanfar coinnealbhádhadh ort: múchfar an choinneal ghnáis, léighfear ort ghod ruagadh as an Eaglais agus ní bhfaghair furtacht a gnás.

coinnleach: *a.* gluardha, gléshoillseach, lán de choinnlibh lasta. Bíonn gach tigh go coinnleach Oidhche Nodlag: coinnle ar lasadh i ngach fuinneóig. Nách coinnleach a thaidhbhsigheann B'l'Áth Cliath ist oidhche ó Thigh Chnuic: soillseach.

coinnleach: *f.1.* bun na léas arbhair a fágtar tréis bainte an fhóghmhair: gort mar sin. Prátaidhe coinnligh: prátaidhe a fhásas i ngort go raibh arbhar ann an bhliadhain roime sin. Bearraidh thu féin, tá féasóg 'n-a coinnleach ort: gach ruibe chómh láidir lé bun leis. Ná siubhaluigh cosnochtuighthe tríd an gcoinnleach geárrfaidh sé do chosa, tá sé cruaidh, géar.

coinnleóg: *b.2.* bun léise (déise), cos déise. Mórchuid choinnleóg tríd an síol féir: na bunaidheacha d'fhan tréis bainte an arbhair.

coinnleóir: *f.3.* úirlis chun coinnle do chongbháil 'n-a seasamh ann. Faigh coinnleóir de shaghas éigin chun na coinnile sin do choimeád a's ná bíodh sí id láimh agat 'san gheir ag silleadh ort: rud éigin chun í do chur 'n-a seasamh ann. Is cuimhin liom a's me im gharsún a's easbhaidh coinnleóiridhe ar dhaoinibh gur i dteornap ullmhuighthe do sháidhtí na coinnle a's budh iad na coimeádaidhthe iad.

coinnleóir: (**coinnealóir**) *f.3.* an té a bhíodh i mbun na gcoinneal do lasadh i dtighthibh móra fadó a's aire do thabhairt dóibh nó ar thórramh. Cá bhfuil an coinnealóir, tá cuid des na coinnlibh seo i ndeireadh na feide: nách mór múchta.

coinnleóireacht: *b.3.* ag tabhairt solais coinnle do thigh. Is fada riamh go raibh coinnleóireacht ar siubhal in aon tigh ach oíle a's aibhle.

coinnlín: *f.1.* tuighe nó gas an arbhair mar a mbíonn follamh istigh ann. Chídhfeá an t-aos óg ag ól bainne a's deoch bhog trí choinnlínibh as áruistidhibh suidhte ag conntabhairt: fearaistidhe déanta i bhfeirm an choinnlín nádúrdha. Is ar an gcoinnlín do tógadh an coileán san: ní ag deól a mháthar a bhíodh sé ach ag ól bhainne as árus trí shop follamh thuighe. Dá bhfaigheadh sé leann dubh lé n-ól ní iarrfadh sé coinnlín ná méar chuige!: is é d'ólfadh as an árus é go dúlmhar gan dochma.

coinnmhidhe: *f.4.* duine fial. Coinnmhidhe maith mná í sin, dá ngeóbhfá bun an tighe chúiche: bean fhial ná coigleóchadh biadh ná deoch ort.

coinscleódh: *f.4.* coimheascar, troid. Ar mo choinscleódh go dtiocfad in aonfheacht leat: ar mh'anam (saghas mionnuighthe). Fan go mbír i gcoinscleódh leis an mbás, is annsan do chaoinfir do dhroichbhearta: in achrann leis: an bás d'iarraidh tú do sciobadh leis. Tréis an choinscleóidh ar son saoirse agus cóimhchéime níl an tsíothcháin againn do gealladh dúinn do bheadh: tréis an chata do cuireadh chun a riochtana. Coinscleódh an domhain a bhí ar an aonach, eadáil ag rith annso agus ag rith annsúd: dul trí chéile: neamhshocracht: míoshuaimhneas.

coinscleódhach: *a.* achrannach, míoshuaimhneasach, corruightheach. Bhailigh sé sluagh coinscleódhach as na cúlshráideannaibh a's as na cúlbhealachaibh d'iarraidh na cathrach do chosaint ar an ionnsaidhe a bhí dhá dhéanamh uirthe: dreamanna achrannacha budh dheacair do chur lé chéile i riar. Scéalta coinscleódhacha atá ag teacht chughainn ar cad atá ag tuiteam amach idir na cómhachta coinscleódhacha atá ag troid san Spáinn: scéalta atá ag bréagnughadh a chéile ar an dá arm atá i ngleic sealbhtha na tíre ar a chéile. Sloigisc choinscleódhacha dob eadh iad, a's níor shaighdiúiridhe smachta: sluagh gan riar, gan órdughadh, ag imtheacht ar a dtoil féin.

coinsias: *f.1.* cogubhas, an tsians nó an buaidh nádúrdha atá ag an nduine breitheamhnas do dhéanamh ar a iomchar maidir lé caighdeán cirt nó éigcirt: sians na córach: tuigsint na córach. Dá mbeadh aon choinsias agat ní bhainfeá púnt as an earra shuarach san: dá mbeadh aon bhraithstint ná motháilt córach id chroidhe ar cad is ionracas ann. Daoine gan choinsias do chuireadh capaill ar stábla in eaglaisibh, budh chuma cad é an cineál creidimh é, ní raibh ann ach Dia-mhasladh: daoine gur chuma leó mar gheall ar cheart ná chóir. Ar mo choinsias má thagair i ngiorracht scread asail dom go ndéanfad geiridheacha beaga dhíot: ar mo bhriatharmhóid: dhearbhuighim go stracfad as a chéile thu. "An tú do thóg mo sparán?" – "ar mo choinsias nách me": go fírinneach ní me. Ní bhead ródhian san éileamh ort, tá coinsias agam: brathaim gurb é dlighe Dé a lithéid do dhéanamh agus innseann iomas mo chroidhe féin dom gur ceart é.

coinsiasach: *a.* ceart, ionraic, leanamhnach de bhíodhgadh nó de dheachtadh an choinsiais: cradhscalach. "Suim choinsiasach i ndualgas": an dualgas os cionn an uile ruda. Gníomh coinsiasach dhuit maitheamh don té nár mhaith dhuit: gníomh ionraic, gníomh a mholfadh Dia a's duine. Maor neamhchoinsiasach a bhaineadh allus fola lé cruadhobair as gach aonne a bhí fé n-a réim: maor ná raibh aon tuigsint aige do chóir: gur chuma leis cad é an ghéirleanamhaint do dhéanfadh sé. Budh choinsiasaighe dhuit go mór maitheamh don aindeiseóir ná bheith d'iarraidh airgid do bhaint de ná fuil aige, ná aon dul aige air: b'ionraice é i láthair Dé agus daoine: budh ionmholta é.

cóip: *b.2.* sloigisc, dream, camplacht, coibhdean, grasamal (daoine), daoscar. Lean do chóip an óil a's beidh an scéal go maith agat!: don dream a thugas iad féin ar ólachán a's póit. An dóigh leat go dtaitheóchainn cuideachta aon chóipe mar iad san ná téidheann lag ortha ach ag allagar 'sag déanamh toirmisc?: gráscar: daoine suaracha gan meas síothchána a's deaghchomharsanachta aca ortha féin. "D'airigheas go raibh dhá chruinniughadh freasabhracha poilitidheachta sa bhaile mhór indiu?" – "bhí; bhí sluagh mór bailighthe ar cheann aca, a's ní raibh ach an chóip bailighthe ar an gceann eile": na daoine is suaraighe lé fagháil. Is diallta na cóipeanna iad so d'éirigh i Meirice le cosc na dighe, nách cóir leó aon rud dá olcas do dhéanamh: daoine a bhailigh 'n-a mbuidheantaibh chun gníomh neamhdhlightheach do dhéanamh agus gurbh é an gunna a n-arm cirt. Cóip an óil: na scraistidhe a thugas iad féin ar ólachán. Cheannuigheas cóip de dhántaibh Eóghain Ruaidh: ceann des na leabharthaibh clódhbhuailte go raibh na dánta mar cumadh iad: macsamhail. "Ar clódhbhuaileadh do scéal fós?" – "níor clódhbhuaileadh, ach tá cóip den scríbhinn annso agam": macsamhail an scéil bhunaidh: aon rud a déintear in aithris ar rud eile – cóip peictiúra etc. Do chuir na Rómhánaigh fios go cathair na hAithne ar chóipeannaibh dá ndeaghdhlithibh: aithscríbhinn ar na dlighthibh mar scríobhadh ar dtúis iad. "Och, ochón! is breóidhte mise/ gan chuid gan chóir gan chóip gan chiste/ gan sult gan seód gan spórt gan spionnadh/ ó seóladh me chum uaignis": gan cuideachta ragairne a's aitis.

coipe: *f.4.* cubhar, cubharán, uanán (únán). An coipe d'fhan ar an ngloine do léab sé é lé dúil sa leann dubh: an t-uanán. Tá a cneas mar choipe na bóchna: na builg gheala a éirigheas ar uachtar an tsáile trí shuathadh i gcoinnibh na talmhan, trí bhriseadh nó lé stoirm, agus bíonn san geal: cneas aoibhinngheal, bán gléineach gan amhras. Tiocfaidh coipe ar an eórnain sin san uisce tréis an áirighthe sin aimsire: atharrughadh nuair ghéaróchaidh sí a's imtheóchaidh an siúicre nó an stairs nó an gortan aiste.

cóipidhe: *f.4.* cóimhleacaidhe, caighdeán, rud ionaithris. Ní haon chóipidhe do dhuine bhocht duine saidhbhir, caithfidh sé maolughadh: ní tugtha dho dul ar an scór leis. Níor bh'aon chóipidhe dhom garsún a bhí deich mbliadhna níos óige ná me chun dul in iomarbháidh leis: aon chomórtas. "Tair in aonfheacht linn" – "fanfad uaibh, ní haon chóipidhe dhom sibh; táithí ró-ghéarchúiseach dom; duine saonta me 'sis feárrde me uaibh": ní sibh mo chóimhleacaidhthe. Ná tóg cóipidhe lé haonne ná bíonn macánta: ná déin aithris ortha. Cóipidhe an leabhair sin dob é é: a mhacsamhail.

coipighim: *b.a.* $_7$ *n-a.* géaruighim, brachuighim: suathaim: lasaim (chun feirge). Choipigh sé dhá ubh do féin i gcupa ar bhraon bainne a's brannda a's chaith siar é: shuathaidh a's

bhuail gur dhíghleaghaidh ar a chéile iad. Coipeóchaidh an coirce sin, mar tá sé fliuch mara bhfaghainn sé gaoth: géaróchaidh sé: lobhfaidh sé agus ansan fásfaidh. Chómh luath agus dearbhuigheadh air gur rugadh ar an sluid aige do choipigh sé a's do chrom ar bháirseóireacht: d'éirigh fíoch a's cuthach air. Is maith an leann dubh é sin, féach mar choipigheann sé ag teacht as an soitheach: briseann, tagann súilínidhe bána air.

coipiughadh: *f.* (*-ighthe*) géarughadh; brachadh, an ceann a bhíos ar leann dubh nó ar bhrach; an cubhar a bhíos ar shobal galbhanaighe; cubhar na mara. Cuir coipiughadh maith galbhanaighe ar do chorrán nó ní dhéanfaidh an rásúr an bheart ort, a clipe anchruaidh ort: sobal ramhar, trom. Cuirtear an eórna i ndaibhchibh móra ag géarughadh go dtagann coipiughadh uirthe: go lobhann sí, go n-imthigheann an siúicre, an stairs nó an gortan as an ngráinne. Ara, mhuise, is maith an earra lé n-ól an piúnt san, féach air sin de choipiughadh air: an cubhrán bán-bhuidhe atá tagtha air tríd an suathadh do fuair sé ag teacht as an soitheach. Budh dhona an lá é, bhí coipiughadh ar an uile órdlach den bhfarraige: barra geal.

coir: *b.3.* (*iol.* –ortha) briseadh nó réabadh an dlighe, go sonnradhach dlighe na talmhan ar leithrigh (ach gan bheith i gcoinnibh) ón bpeaca: peaca: cionnta i gcoinnibh daoine nó i gcoinnibh cirt: dréir mar bhíonn fé léidh na dlighe: coir seadh gníomh a déintear nó go ndéintear faillighe ann dréir mar bhíonn féicheamhanta don ndlighe: oilbhéim: foghail: cúis throm. Dá mbeadh coir a bháis déanta aige bhéarfadh sé na cosa leis: rud i gcoinnibh a dhlighe na talmhan gur bh'é sin an cúiteamh air. Coir mheanman dom dob eadh an cailín d'fhuadach nuair ná faghainn lé toil a muinntire í: cionnta a dheineas trí réamhmhachtnamh a's gur chuma liom cad é an cúiteamh do raghaidh orm. "Más coir a bheith dubh tá an saoghal damanta": más aon rud in aghaidh Dé nó duine dath dubh do bheith ar dhuine tá an oiread san daoine mar sin nách ar neamh do raghaid. "Go maithidh Dia ár gcortha dhúinn a's do gach n-aon, a's ní ag déanamh aon bhreithe air, ach nách gránda an rud do a bhean do mharbhadh": ár bpeacaidhe: na nidhthe a chuireas fearg air. Nuair bhítheas ag trácht ar an bhfear do fuairtheas marbh ní raibh focal as, d'aithneófá ar a chiúine do bhí sé go raibh an choir déanta aige: an gníomh olc. Ní mór an choir atá orm, gan solas do bheith ar mo thrucail: briseadh ar an ndlighe: faillighe i gcóimhlíonadh riaghalach geilis a's an bhealaigh. Mara ndéanfá aon choir budh mhó ná feóil d'itheadh lá tréadhnais níl baoghal i láthair Dé ort: aon rud ná cóimhlíonann an dlighe: aon rud a bhíos in earrad leis an ndlighe. Tugadh coir chrochta 'n-a choinnibh – marbhadh duine – a's dhíol as: oilbhéim gur b'é a cúiteamh bás na croiche. Ní leigtear duit de ló ná d'oidhche, bíonn coir éigin id leith i gcómhnaidhe: cúis éigin dhá chur ort. Gníomhartha i gcrois aitheannta nó teagaisc Creidimh, peacaidhe seadh iad: gníomhartha i gcrois tairistidhe an chirt dubháilcidhe seadh iad: gníomhartha i gcrois dlighe na talmhan, peacaidhe iad san.

cóir: *a.* maith, oireamhnach, ceart, ceadmhach, fíor, ionraic, neamhurchóideach. "Seán an Chóta" an leasainm atá orm ach "Seán Caomhánach" m'ainm chóir. "A dhuine chóir, cad as duit?": a dhuine mhaith, a dhuine go mbeannuighim duit go síthbhialta. Cad dhéanfadh an duine cóir nuair tharcuisnigh cladhaire é ach a dhrom do thabhairt leis: an duine meastamhail air féin. Tá an peann go cóir agat: tá sí ar fheabhas. Níl an casúr cóir agam chun na gcloch so do bhriseadh, tá sé ró-éadtrom: an casúr ceart, oireamhnach. "Cuir

isteach na páipéir sin ar na taostaibh go cóir": in oirear, dréir mar is ceart agus cúláistighe iad do bheith. Ach, "cuir isteach na leabhartha ar na taostaibh córa": ar na taostaibh gur cheart dóibh do bheith, gach ceann ar a thaosta féin, cuir i gcás leabhartha staire leó féin, agus leabhartha leitridheachta leó féin. Rud an-chóir do dheinis nuair connacthas duit an éagcóir dhá dhéanamh í do chosc: rud ionraic, macánta. I láthair an Tighearna is cóir an nidh an déirc: is maith agus is ionmholta. Níl sé cóir tiomáint ar an dtaobh deas den mbóthar: níl sé ceart, agus níl sé ceaduighthe ó dhlighe na talmhan. Beart chóir do dheinis bád ded chuid féin do bheith agat a's gan bheith ag brath ar bhád aonne eile: beart mhaith cheart dhuit féin. Níl an scéal cóir agat má sé chualaidhis gur in Áth Cliath do thásdálfar an chúis, i gCorcaigh atá sí cliathuighthe: an scéal fíor: is i gcóir Chorcaighe atá sí cláruighthe. Is cóir an méid seo do rádh 'n-a thaobh, má bhí fiacha air is minic gur trí chabhair do dhaoinibh eile d'fhág sé é féin dealbh, a's ná raibh aon leigheas aige ar éileamh an cháirde: is ceart a rádh, is é an nidh macánta díreach é. Budh chóir go mbeadh cainnt ag an leanbh san anois, ná fuil sé in aois labhartha?: níor nádúrdha dho do bheith gan úrlabhra. Budh chóir dhuit ciall do chaitheamh leis an gcúrsa má tá cúis fheirge féin agat: b'é b'fhearra dhuit i ndeireadh na dála agus b'é budh chuibhe dhuit. Budh chóir go leigfeá do sheanóiridhibh: nár ghalánta dhuit é: cad é do cheart nó cad tá buaidhte agat lé bheith ghá ngriogadh. "Céaca is córa dhom do dhéanamh teacht nó fanacht?": céaca budh mhó bheadh ar thaobh cirt, maitheasa, fírinne, macántachta, céille, dlighe, fíre nó dualgais? Budh chóra dhuit fanacht socair: b'fhearr ar gach slighe duit fanacht socair ná bheith ag déanamh rud as an slighe. "Cad 'n-a thaobh ná fuilir sa tsochraid indiu?" – "ná fuil sé chómh córa dhuitse a's tá sé dhómhsa bheith ann, cómhghaol dúinn an marbh": chómh ceart, dréir leanamhnachais. An mbeir-se ann go cinnte? bead féin ann cóir máireach: ar aon chuma: níl aon rud chun me do chosc: tá fúm dul ann. "An dóigh leat go bhfuil míle púnt sa bhannc aige?" – "ní déarfainn sin, ach tá a leath aige ann cóir máireach": go cinnte: gan aon amhras. Cheapas cóir máireach ná beidhfeá-sa im choinnibh pé duine a bheadh nó ná beadh: ach go háirighthe: ar shlighe éigin bhíos deimhnightheach díot-sa. Má bhí, agus do bhí, dar ndóigh, cúis agat air b'fhearr liom é do sheirbheáil ná é do bhualadh cóir máireach: é do bhualadh an t-aon rud ná déanfainn seachas. D'imthigh sé thar lear ag craobhscaoileadh an chreidimh chóir: an creideamh fíor: creideamh Chríosd.

cóir: *b.3.* $_{7}$ *5.* ceart, comhthrom, cuibheas, cómhacht, úghdarás: gaoth fhabhrach, déanamh: biadh: freastal: slighe, seól, úirlis, oireamhaint: eagar ceart: gannaidhe: gléasradh. Déanfad cóir duit, ní leigfead aon lámh láidir d'imirt ort: gheóbhair comhthrom uaim. Ní cóir do Shasana cogadh fearachais do chur orainn toisc císeanna nár chóir di do shéanadh uirthe: an rud atá ag dul do dhuine (d'aonnidh) do thabhairt do. Dá bhfaghainn cóir agus gan beirt do bheith im choinnibh in aonfheacht do bhuadhfainn: comhthrom na féinne: cóimhdhéanamh: gan mícheart do dhéanamh orm. Chun brighe cheart na teangan do shocrughadh is mór an chabhair an ghnátháis, sé sin riaghail na córach: riaghail an úghdaráis. Níl sé de chóir agam aon earrad eadraibh do shocrughadh, fé dhlighe na talmhan atá san: níl aon chómhacht agam. "Tá me fear", ní hé sin an chóir ach "is fear mé": an carbhall ceart, an friotal ceart. "An té go mbíonn long agus lón aige gheibheann sé cóir lá éigin": gaoth fhabhrach chun seólta. Beidh cóir ghaoithe soir agaibh: an ghaoth aniar. "Nách lom, mílítheach an crot atá air" – "sin é a deir a chóir leis": an biadh agus iondrabháil seascaireachta atá dhá fhagháil aige. Cuirtear cóir bhídh

ar an bhfear so: tugtar déanamh bídh a's dighe dho. Cad í an chóir do cuireadh ort ag do dhaoinibh muinnteardha? cad é an déanamh do fuairis uatha: connus mar dheineadar duit: cad í an aoidheacht in aisce do thugadar duit? Níl aon chóir ar an dtigh sin, gach aon rud soir siar ann: níl aon tsocrughadh mar budh chuibhe do thigh slachtmhar air. Is olc an chóir scríobhnóireachta atá agat, an smut san de pheann luaidhe!: fearas. Loirg na hiascairidhe cóir iascaigh ar an earnáil (roinn): gléas iascaigh. Dá mbudh dhóigh le Sasana go raibh an chóir cheart cosanta aice 'n-a tír féin ní bheadh lámh ná ladhar aice sa bhFrainnc: an fearas a oireas 'n-a chóir. Bíonn obair na hoifige ag déanamh buartha don mbainisteóir, mar ná fuil an chóir ghnótha foghlumtha aige: an tslighe chun gach ruda do choimeád in órdughadh agus in eagar. Cromfad ambáireach ar mo sheómra do chur i dtreó oibre mar tá an chóir tagtha chugham: na rudaidhe a theastuigheas uaim. Ní h-iongadh dho airgead do bheith sa bhannc aige, tá cóir aige air, mórán talmhan a's siopa láidir: comhthrom, slighe: teacht nó dul air. Bheadh cóir agus ceart ag aonne a bhuailfeadh an bleaigeárd críochnuighthe: dhéanfadh sé rud ná beadh milleán ag aonne air 'n-a thaobh. Níl ceart ná cóir, ná ní raibh riamh, ag an nduine mbocht dhá fhagháil: níl cao chomhthrom ar mhaireachtaint aige dhá fhagháil. Druim leis an gcóir seadh daoine i ngábhtar, gan bheith ag fagháil na mírdhéirce agus daoine eile neamhghábhtarach dá cheal: sé malairt an chirt é. "An bhfuiltí i gcóir siubhalta anois?" – "nílim-se, nílim gléasta fós": ullamh, réidh. Cuir an tigh i gcóir, tá daoine iasachta ar cuaird chughainn, agus níor róbhéasamhail tigh ar bóiléagar rómpa: bíodh sé in ullamhacht: socair: i dtreó. Beidh tamall fada airís ann sara dtugad-sa aon rud ar iasacht duitse, chuiris mo rothar ar cóir: chuiris ar míghléas é. Má thaithighir cuideachta na cóipe sin cuirfid as cóir thu: truailleóchad thu: cuirfid ar t'aimhleas thu. Seo dhuit an gluaisteán, táimse cortha aige, ní fhéadfainn ceart ná cóir do bhaint de: ní fhéadfainn é do riar in ao'chor: tá sé rómhaith dom dhícheall. Is iomdha duine ná taithnigheann a shlighe leis ach, an diall locht do gheóbhainn féin air, bainim an-chóir de: comhthrom: gheibhim chómh fearamhail, fial é lé neach ar bith eile. Bhain sé an chóir díom, me bhualadh gan choinne: bhain sé pé cao cosanta a bheadh agam díom. Le cóir budh leis an té budh shine ag an athair an tigh, ach baineadh an chóir de le camastaghal: dréir comhthruim, dréir mar bhí ag teacht chuige go dleaghthach. Dá mbeadh cóir lé fagháil budh cheart breis dhaoine bheith ag cabhradh liom chun na hoibre seo: dá ndéintí dréir mar budh chuibhe chun í do dhéanamh níos fearr. Mara gcoiglir, ar an bhfuadar atá fút, beidh easbhaidh gan chóir ort: easbhaidh gur tú féin is cionntach leis. Is cliste na córacha tómhais atá ann anois seachas iad súd sa tseanshaoghal: na gléiseanna. Tháinig rud éigin treasna ar an gcóir phósta ná beidh sé ann (an pósadh) mar bhí ceapuighthe: ullamhuighthe: tiargáil. Díoltar earraidhe sa Tigh Deóranta ar an mórgcóir, chídhfeá riochtairidhe ann an uile thráth den ló: an-chuid Éireann. Bíonn prátaidhe a's barraidhe eile ar an mórgcóir aige, mar tá gustal aige air: mórchuid díobh uile. Ní bhíonn de chóir cos air ach cuaráin: clúdach cos (ionad bróg). Cuirfead cóir mhaith ar mo bhanta nuair bheidh sí ag pósadh: tabharfad di go fial. "An mbíonn cóir mhaith san ósdlann san?": biadh maith. "Cad é an chóir atá ort an aimsir seo?": connus tá agat? Fuair sé cóir mholta as ar dhein sé, níl aon chúrsaidhe gearáin aige: moladh é mar thuill sé. Is deacair cóir na Gaedhilge d'fhoghluim: an tslighe cheart ar í do labhairt a's do scríobh. Budh chóirtisighe dhuit an duine do scaoileadh thart a's gan bheith ag fonmhóid fé: an rud is mó go mbeadh galántacht a's fearamhlacht ag baint leis.

coirce: *f.4.* cineál arbhair atá go maith mar bhiadh capaill, déintear arán a's leite de. Coirce fiadhain: coirce a fhásas féin. Coirce sciligthe: coirce a bhíos scartha leis an mogall. Coirce faoide: coirce luath. Coirce fuaide: coirce déidheanach. "Coirce ar fad ins na faoidibh, tuighe agus coirce ins na fuaidibh, siup a's málaidhe cátha san Abrán": coirce ar fad seadh barra Feabhra, tuighe agus coirce é do chur sa Mhárta, léasacha a's cáith é do chur san Abrán. Go dtugaidh an diall coirce dhuit maran orm atá an t-iomard curtha agat, me do chur as mo thuilleamh cóir: mo mhallacht ort. "Nách moch atá sé ag dul ag obair" – "go dtugaidh an diall coirce dho! an scannróir, beidh obair tréis a bháis". Tugtar coirce cruaidh don gcapall: coirce agus é leathrósta. Tabharfaidh súd coirce dhuit nuair gheóbhaidh greim ort mar gheall ar do chuid cúlchainnte: ullamhughadh: smachtóchaidh sé thu: sin é biadh gheóbhair uaidh.

cóirdín: *f.4.* córda caol. Cuir cóirdín ar an mbeartán, tá an córda san róthútach lé dul tríd an bpost. Lá éigin cuirfear an cóirdín féd mhuineál!: an siollán: crochfar thu a's é tuillte agat. Buail chughat ar cóirdín na bric sin: ar shrainng bhig chadáis nó chnáibe. Ná bodhar me leis, a's lé n-a ghustal, ní fheaca riamh é gan ach na cóirdínidhe 'n-a bhrógaibh: má bhí acfuinn aige níor fhoillsigh í.

coire: *f.4.* árus mór fairsing ar dhéanamh corcáin; corcán mór; poll nó uaimh faille ar an ndéanamh san – cruinn, doimhin. "Ó! th'anam 'on diall!", ars an té go raibh dúil i bhfeóil aige, cuirtear síos coire dhi!: dabhach mhór iarainn: corcán áidhbhéil lé toirt. Sa drochshaoghal i gceanntaraibh bochta bhíodh coiridhe móra mar a mbruithtí feóil a's teornapaidhe dóibh seo a shéanadh a gcreideamh. Siúd é an tigh go mbíonn coire na féile ann: go mbíonn corcán éigin go héascaidh le cur ar theine d'aonne a gheóbhadh an bóthar. Ní h-annamh do choire thíos agat: bír ag síorullamhughadh an bhídh. Fuair sé cláracha raice i bpoll an choire: cuas (ar dhéanamh coire) suas fén dtalamh. Tá coire i mullach an chnuic: loch gan sraoth aiste.

coiréal: *f.1.* áit go mbíonn clocha lé baint. "An bhfuil clocha ann?" – "tá, coiréal": mórchuid chloch: oiread a's theastóchadh uait. "Cad fhásfadh ann? – coiréal": talamh clochach gan aon chré ná fód.

coireamhail: *a.* cionntach, ag baint lé coir. Dá mbeinn coireamhail d'admhóchainn é, an measfá dhom go mbeinn ag féachaint ar aonne dhá dhaoradh im chionntaibh: dá mbeadh coir déanta agam. Níl neach gur b'eól do bheith urchóideach ná go bhfuil coireamhail: ná go bhfuil cionnta ann. Gníomh coireamhail seadh goid agus níl aon chúiteamh air ach an tsluid d'fhilleadh (do chasadh) nó a luach n-a choinnibh: in aghaidh dlighe Dé agus na talmhan. Is coireamhail go mór marbhadh toilteanach ná marbhadh cinneamhna: is cionntaighe é: is mó cúis é.

cóireamhail: *a.* ceart, díreach, macánta. Bí cóireamhail lé cách 'sis dóichighde cách do bheith cóireamhail leat: ionraic id dheaighleáil lé duine. Rud cóireamhail fiacha d'íoc: macánta. Dhíol sé capall liom a cailleadh an oidhche chéadna, ar mío-ádhmharaighe an domhain, agus nár chóireamhail an rud do dhein sé, an t-airgead d'fhilleadh?: díreach.

cóiridhe: *f.4.* sochraid, an sluagh a thagas d'adhlacadh duine. Lá cóiridhe dob eadh é a's ní rabhas ag baile: lá dá raibh duine dá adhlacadh agus bhíos láithreach.

cóiridheach: *f.1.* duine a fhreastalas cóiridhe. Duine an-leanamhnach seadh é, an-chóiridheach: bíonn sé ag freastal ar mhórán sochraididhe.

cóirighim: *b.a.* ceartuighim, oireamhnuighim, ullamhuighim, gléasaim, inneallaim, deisighim, feistighim, cuirim in eagar. Cóirigh mo leaba dhom go dtéidhead a chodladh: socruigh na héadaidhe i gceart uirthe. Cóirigh an tigh, tá cuma an-neamhghasta air: cuir gach aon rud 'n-a ionad féin agus tabhair cuma shlachtmhar air. Cóirigheann an brothaire an mart tréis a mharbhtha: feanann é, glanann é, gearann go gleóidhte é a's crochann anáirde chun a dhíolta. Cóirigheann tú gach aon rud ar do thoil féin, focal ní chreidfinn uait: cuireann tú do shlacht féin air: socruighis mar is áil leat féin é. Cóirigh mo phroinn dom, tá ocras a's deabhadh orm: ullamhuigh í i slighe go n-ithead í. Cóirigh thú féin i gceart chun an bhúird a's ná bíodh do chliathán leis: dírigh thú féin a's suidh mar is ceart ós a chómhair. Chóireóchainn mé féin, chun dul 'on bhaile mhór dá bhfaghainn marcaidheacht, budh dhóigh liom: ghléasfainn me féin: chuirfinn umam mo chuid éadaigh nuadha agus mar sin. Cóirigh an áit sin, tá sé stracuighthe: deisigh é. Bhrisis an fhuinneóg, cóirigh anois í! má fhéadair: cuir i gceart! Sasana a dheighil smut den dtuaisceart ón gcuid eile d'Éirinn, chóirigheadh sí anois a beart féin: deisigheadh sí an lot do rinne sí. Chóirigheas leaba chruaidh dom féin an lá ghabhas lé Gaedhilg: chuireas me féin ar bhealach gur dheacair a thaisdeal. Cóirigh do chuid fear leis an gcróntráth, ionnsócham an baile i gcoim oidhche: bailigh iad a's cuir lé chéile iad. Sin bréid chóirighthe: bréid go bhfuil an bhruth curtha uirthe tréis a ramharuighthe. Cloch chóirighthe dob eadh an uile chloch do cuireadh ann: cloch ullamhuighthe: gearrtha, cúmtha lé suiséal. Fan san dtigh úd anocht cóireófar chughat go seascair ann: gheóbhair leaba shocair chodlata. Chóirigh sé a chlann go maith: chuir sé gach duine aca i slighe bheatha mhaith. "Cóireóchad lé mil é, 'sé Jimmy mo mhíle stór": tabharfad déanamh dó go mbeidh blas na meala ar gach pioc de.

coirighim: *b.a.* millim leis an súil uilc; súilbhéimim. "Ó, ní fheaca aon fhear le fada is breághtha ná thu, bail ó Dhia ort ar eagla go gcoireóchainn thu": go millfinn tú leis an oiread san tuaithe do chur id bhreághthacht. Cad tháinig ar an bhfear san go bhfuil meathalóir déanta de, an amhlaidh do coirigheadh é?: an amhlaidh d'fhéach duine éigin air go raibh súil mhillteach aige, a's dhéin a dhíobháil? Coireóchair thu féin má bhír ghod mholadh féin chómh hárd san!: millfir thu féin: tiocfaidh malairt crota ort, nó an mhaitheas atá ionat leaghfaidh sí. Ní maith liom thu d'fhéachaint orm gan fioghar na croise do bhaint orm féin, tá súil choirighthe agat: súil go ndéanfadh a rinn díobháil trí fhormad nó trí éad. Caith do shilleadh orm sara gcoirighir me: sara ndéinir díobháil chorpardha dhom. Bail ó Dhia ar an leanbh, nár fheicidh aon drochsúil é, tabhair luibh an choirighthe dho sara ndéintear a dhíobháil: luibh atá ag fás go bhfuil buaidh aice ar an gcoiriughadh do leigheas nó do chosc. [Creidtear go bhfuil daoine ann a's súil mhillteach aca, sé sin má fhéachaid ar dhuine, ainmhidhe nó rud go spéiseamhail, formadach nó éadmhar go dtárluigheann máchail nó díobháil do luath nó mall, agus gur féidir leó an t-olc do leasughadh ach a silleadh do chaitheamh air! is eol dom daoine go mbíonn an

scáinteacht san rómpa agus go mbaintear fíoghar na croise ar bhualadh leó do loc na cinneamhna].

coirighim: *b.a. 7 n-a.* peacuighim, oilbhéimim: cúisighim le, cuirim i leith, éilighim i ndlighe, agraim ar. Go maithidh Dia dom, agus, gan mo ghuidhe do bheith gann, dúinn go léir, is minic do choirigheas go toilteanach: do dheineas rud as an slighe. "Imthigh, a's ná coirigh airís", ars an Té is aoirde: buail rómhat saor, glan ó smál an pheaca a's ná déin feasda díobháil Dé, do chómharsan ná do dhíobháil féin. Ní choireóchadh sé puinn an té ná déanfadh as bealach ach ubhall glas do thógaint as gháirdín: is beag as an slighe ná in aghaidh na dlighe é. "Coirigheadh go minic cheana an bráighe", ars an bleachtaire leis an ngiúistis, "dhá uair i gCorcaigh le mionghadaidheacht, trí huaire i Sasana le sraithidheacht": tugadh na cortha san 'n-a choinnibh os chómhair na dlighe. Coirigheadh cheithre huaire lé sealbh neamhdhleaghthach é, ach ó nár bh'fhéidir faic do chruthughadh 'n-a choinnibh tugadh cead a chos do: cuireadh 'n-a leith neamhdhleaghthacht nidhthe 'n-a sheilbh.

cóirighthe: *a.r.* ullamhuighthe, socruighthe, feistighthe, eagartha, ceartuighthe, deisighthe. An bhfuil mo leabaidh cóirighthe? tá codladh orm: an bhfuil sí socruighthe, oireamhnach lé luighe uirthe? Is maith cóirighthe do thugais do scéal leat, is deacair locht d'fhagháil ar t'aithris: curtha lé n-a chéile ó thóin ceann go slachtmhar, soghlactha. Ní gleoidhte ná ní deas an chuma atá na háruistidhe cóirighthe ar an gcornchlár: socruighthe in eagar: riartha. An méid do thugais lé léigheamh dom lé haghaidh a cheartuighthe, tá sé cóirighthe agam chómh maith a's d'fhéadfainn: curtha i dtreó mhaith: aon locht dar liom, a fuaireas ann deisighthe. Bíodh do dhóirse cóirighthe agat ar theacht don sín nó isteach leó: feistighthe, daingnighthe i dtreó go bhfuilngeóchaid bualadh na síne gan bascadh dhóibh. "Táim cóirighthe go maith agat", deirtear le duine a bhíos ag cur síos ar dhuine nó ar aon rud, a's go minic nách ar feabhas é. Nuair dubhairt Piaras Firtéar: "Ins an Daingean níor choigil an ceolghol/ gur ghlac eagla ceannaidhthe an chnósta/ dá n-eagla féin, níor bhaoghal dóibh sinn/ ní chaoinid mná sidhe an sórt san" bhíodar cóirighthe go maith aige: an teist do thug sé ortha níor meastamhail í, agus, dar leis, ná raibh a mhalairt tuillte aca. Cár cheannuighis an chasóg chóirighthe?: an chasóg go bhfuil bruth curtha uirthe. Sara raibh na cómharsain réidh leis an gcailín bocht bhí sí cóirighthe go maith aca, gan de chúis aca uirthe ach leanbh gréine do bheith aice: bhí sí cíortha, cáibleálta a's a mbaramhal féin ag gach duine aca uirthe, a's níor mhaith é. Do bhí na fir cóirighthe go maith ar thaobh an chnuic aige, folach ag gach duine aca gur dheacair iad do bhualadh ná d'ionnsaidhe: curtha in órdughadh catha. Riamh im shaoghal bheatha ní fhaca cír fhiacal chómh geal ná chómh cóirighthe i mbéal peacaigh: chómh dlúth in eagar.

coirim: *b.a. 7 n-a.* tuirsighim, traochaim, ciapaim. Coirim den obair go luath mar ná faghaim inspéise í: tagann tuirse orm dá taobh. "Bhí me cortha a's an codladh ghom thraochadh": tnáidhte: ar aiste go raibh a neart tráighte. "Táim cortha, seadh, agus tá mo chuimhne tuirseach": tugtha: níl ionam tuilleadh saothair cuirp do dhéanamh. Coireann an leanbh me ag lorg rud éigin milis orm gan sos gan stad: ciapann sé me. Ar dtúis bhíodar anmhuinnteardha lé chéile budh dhóigh leat ná raibh caradas ar an dtaobh amuigh díobh ach i gcaitheamh na haimsire choireadar (d'éirigheadar cortha) dá chéile: thráigh an caradas san gur imthigh ar fad. Choirfeadh an tsíor-chainnt ar cad a dhéanfadh sé a's

cad ná déanfadh sé, ná féadfá fanacht ag éisteacht leis: tnádhfadh sé an fhoidhne asat: bhrathfá 'n-a ualach aigne a's cuirp nách mór ort í. Obair chortha seadh an scríobhnóireacht so, dá mhéid m'fhonn chúiche, suidhte i rith an lae ar mo chromadh, mo shúile sáidhte ins na focalaibh go dtí go mbíd in aimhréidh go minic ar mo radharc: thnáidhteach, obair a chlaoidhfeadh do chorp agus t'aigne. Ná coir mé: beir fada air: na bí chómh dian orm. Táim cortha agat ó bheith ag féachaint ort: táim dóthanach díot: tá iomad amhairc fachta agam ort. Ní choirfinn choidhche dá chuideachtain: ní thiocfadh fonn neamhspéise orm lé faid bheith 'n-a fhochair. Lean air, coir amach é: traoch é: cuir é sa tslighe a's go gcaithfidh sé géilleadh. B'fhearr leis bás d'fhagháil, bhí sé cortha ag an saoghal, a's d'ídigh sé é féin: tuirseach, dóthanach de. Obair chortha seadh rámhaidheacht, spealadóireacht. Nách neamhchortha ataoi tréis an lae as a rug d'obair ort a's a bheódhamhlacht ataoi: gan tuirse, gan lagadh. "Táim cortha a's raghad abhaile", ars an té a bhí ag fagháil bháis. Ní choirfeadh Éire thu ar a bhfuil siubhalta agat indiu: níor mhór cuid mhór saothair do chur ort chun tú do thuirsiughadh. "Táim cortha aige nó uaidh": cuireann sé coirtheacht (tuirse) orm: ach "táim cortha dhe": me féin (asam féin) atá go tuirseach ó bhaint leis. Tá na daoine cortha ge (ó, lé) té: an iomad té dhá ól aca. "Níor coireadh riamh fear ar leathbhróig" deirtear lé duine nuair chídhfeá é a's bróg air a's é ag lorg na bróige eile. (**coraim**)

coirín: *f.4.* cor beag nó casadh. Lámh ancham dob eadh í ar dtúis ach tréis an láimhliaigh (an chneadhaire) níor fhan innte ach coirín: cor nó caimeacht bheag. Nách dóigh leat ná go bhfuil coirín ar faid sa lá: faid bheag tagtha air, casadh beag seachas mar bhí sé. Cailín go raibh coirín 'n-a súil: thabharfá fé ndeara ná raibh sí díreach ar fad. [Tá an guth "o" le clos san bhfocal so fé mar tá san bhfocal "coisc", ach san bhfocal "coirín" mar atá 'n-ár ndiaidh a's brigh eile leis "u" an fhuaim].

coirín: *f.4.* coire beag, árus beag, corcáinín. Ní fheaca ar an dteine san mbothán cnuic 'n-ar casadh me ach coirín ag usmairt: pota beag a's glór fliuchta (fiuchta) aige. A raibh de choirínidhibh lán de chogusaidhibh ag an bpoitigéaraidhe: áruistidhe beaga go ndéanamh corcáin, cruinn as a dtóin.

cóiriughadh: *f.* (*iol.* -ighthe) socrughadh; eagar, oirear, riar; leasughadh; ionnsaidhe íde bhéil; bualadh, socrughadh (scéil). Tugadh cóiriughadh maith dhuit airéir, níor fágadh thíos ná thuas ort é: do lochta agus do ghníomhartha aithiseacha áirmhigheadh go mion iad. Ag cóiriughadh gach aonne chaitheann sé furmhór a shaoghail aon nath (eadh) ní chuirfinn 'n-a ghiob-geab: ag síorchainnt go cáinteach, scéalach ortha. Ní deacair cóiriughadh fé: is furaiste é do shásamh i dtaobh áit chodlata. Ag cóiriughadh leapan 'sag glanachar do bhíonn sí san ósdlann: ag cur na leapan i dtreó chun suain do dhéanamh ionta. Taidhbhsigheann gach earra sa tsiopa in áit chúláistigh, shoshroichte, tá cóiriughadh maith déanta air: gach rud in eagar cheart shó-amhairc. "Cad é an cóiriughadh é seo curtha ar a hata aice? an éan é?": an órnáid. Is deacair, andheacair, cóiriughadh ceart do dhéanamh ar gheileas (imtheacht a's teacht daoine a's córach iomchair) na sráideann so, táid anchumhang: iad do riar: gach taisdealaidhe a's cóir iomchair do choimeád gan cruisteach do dhéanamh ar chách, do chosc tionóiscidhe a's cinneamhaintidhe. Deir a lán dár muinntir gur mithid dúinn cóiriughadh do dhéanamh ar ár ndlighthibh: iad d'athchúmadh: d'fheabhasughadh: iad do dhéanamh oireamhnach don

saoghal atá againn. Fuaireas an oiread san cóirighthe ó chúigear aca lé dóirnibh a's lé harmaibh go rabhas dhá uair an chluig gan aithne gan úrlabhra: an oiread san buailte: ullamhughadh: léasadh. Budh dhóigh leat ar an gcóiriughadh a bhí air gur fonn dul amach as an ndúthaigh a bhí air: an chuma a bhí sé gléasta, gabhtha. "Is amhlaidh mar tá an scéal agaibh", ars an breitheamh leis an mbeirt – an cosnach 'san t-éilightheóir, "ná creidfinn aonne dhíbh, a chóiriughadh catha féin ag an nduine agaibh agus iad i gcrois a chéile": gach duine agus an innsint mar a oirfeadh dá thaobh féin dhá ríomh aige. [Ní hé an cúntas céadna a tugadh ná a tabharfar choidhche ós na comhairiceóiridhibh ar an mbualadh a bhíos aca]. Is amhlaidh mar tá agatsa anois ar an dtárlachtaint seo idir thú féin agus do dhreatháir – "cóiriughadh na caillighe mar is áil léithe féin": an aithris is mó do thaithneóchadh lé n-a croidhe féin: an tslighe díreach budh mhaith léi go dtuiteadh rud amach ar a leas féin. Budh cheart dhuit, más ar thuairisc seaneachtraidhthe atáir, dul chun Séamais, is é togha é chun an cóiriughadh catha ceart do chur ar gach scéal é: aithris shlachtmhar iomlán gan faic ar lár. I mBaile an Bhannaigh ramharuightí bréid fadó agus cuirtí cóiriughadh uirthe: árduightí an bhruth uirthe. Thuit an ghloinne as láimh an ghearrchaile a's í ghá glanadh, a's deineadh ciostar di! "Thugais an cóiriughadh ceart uirthe!" arsa a máthair léi go seanbhlastamhail: an déanamh agus an iondrabháil a oir di! Tréis cóirighthe na bhfear in ionadaibh toghtha lé comhthrom caithte a's cosanta d'fhanamair go foidhneach lé teacht na namhaide: riar agus oirear d'fheabhas agus maitheas agus leas na bhfear ar uain an bhuailte. "An bhfuil aon chóiriughadh fós ar an gcaladh olc i nDún Chaoin?": an bhfuil aon deisiughadh déanta air?

coiriughadh: *f.* (*-ighthe*) peacughadh; cúisiughadh; éileamh os chómhair na dlighe; do chúisiughadh. Pé duine a ghníos oiread a's biorán do ghoid is é Séamas go gcuirtear an coiriughadh air: is é bhíonn thíos leis: is 'n-a leith do cuirtear an ghoid. Coiriughadh beag seadh bheith seirbheálta lé ceal ceadmhanais madra do bheith agat: cúisiughadh: cúis nó gearán os chómhair na dlighe gur threasuighis uirthe. Ná bí ghom choiriughadh-sa lé gach rud do deintear sa tigh: ghá chur im leith-se. I láthair Dé caithfead a admháilt go bhfuil coiriughadh mór déanta agam agus iarrfad maitheamhnachas ort, a Dhia, trí thrócaire a's eadarghuidhe na hÓighe: go bhfuil iliomad peacaidhe déanta agam.

coiriughadh: *f.* (*-ighthe*) milleadh, athchumadh nó máchail na súile milltighe, díobháil lé súil an uilc. Tá mío-ádh éigin ag teacht orm lé deireannaighe, bíonn tinneas nó iomard éigin orm in aghaidh an lae, ní fuláir nó is coiriughadh do deineadh orm: gur chuir duine éigin tuaith fhormadach ionam leis an bhfeabhas do bhíos, a's go raibh cómhacht mo mhillte innte. "Bail ó Dhia ort, is breágh an bhean thu, gan choiriughadh gan mhothughadh ort, nár fheicidh aon drochshúil thu": nár né aonne do dhíobháil ná do mheathalughadh lé féachaint fhormadaigh éadmhar. Coiriughadh gan leasughadh air! go n-éirighidh matalong éigin do mar olc air toisc a fheabhas atá sé 'e bhreis ar dhaoinibh eile agus nár leighistear é! Níor bh'iongadh an buachaill do choiriughadh, bhí sé i mbéal gach aonne: bhíodh gach aonne ag cainnt air agus is dócha go maoidhteach go minic, agus níor bh'iongadh gur éirigh rud éigin (breóidhteacht, gortughadh, nó a lithéid) do do chuir as do. "Is deacair duine gan mhaith do choiriughadh, ní bheadh ann ach "coiriughadh riabhach": coiriughadh nár bh'fhiú do dhéanamh: níl oiread maitheasa ná gustail agam go mbeadh sé ionmhaoidhte orm. Crosaim me féin ort ar eagla me choirighthe: bainim fíoghar na Croise orm féin mar dídean ar an súil mhilltigh. "Connus

tá sé?" – "níl aon chuid choirighthe ann ach go háirighthe": níl sé de chuma ná de chlódh air go mbeadh formad ag aonne leis i dtaobh a dheallraimh ná éad i dtaobh a maoin-acfuinne. "Ná coirigh me!" - "coiriughadh riabhach ort!": coiriughadh ná beadh puinn díobhála aige lé dearóile an té go mbíonn tagairt do.

coirneán: *f.1.* aon rud cruinnighthe beag mar bheadh ceann bioráin, tairnge, carnán. Tairngidhe gan aon choirneáin do chuir an gréasaidhe im bhróig a chuaidh múchta isteach innte: tairngidhe gan ceann. Budh ghleóidhte na coirneáin a bhí ag fás ar do cheann fionn a's tú id leanbh: dualáin bheaga fuilt. Ambaiste, ní duine bocht é siúd, chaith sé amach coirneáin airgid ar an gconntabhairt, claiseacha beaga.

coirneánach: *a.* dualach, caschiabhach, cuachach, bachallach. Ní folt coirneánach atá i ngnás in ao'chor anois ach folt claiseach: folt go mbeadh duail air: casta mar fáinne i mbarr ach árd a's ísleán.

coirnín: *f.4.* liathróid chruinn; liathróid bheag; deór (deóir), braon fola, cloch paidrín; ceann bioráin nó rud a mhacsamhla; bolla beag, cuachán, tancard. Lá beirbhthe samhraidh ag dubhobair go raibh coirnínidhe alluis ar gach píochán im chneas: deóracha mar bheadh braonaidheacha drúchta tríom amach. Níor bhris sé a chroidhe in ao'chor leis an ndigh – coirnínidhe ná raibh dhá scíobas ionta!: áruistidhe cruinne (de phéatar nó a lithéid). Bíonn coirnínidhe ar phréimh an mhangairlín (mhagairlín) mheidhrigh: bleibínidhe beaga, bána.

coircheann: *f.1.* mearbhall, mol (thuaidh, theas); lár. Tháinig coircheann orm a's mo cheann fúm a's árduigheadh liom lé fánaidh!: mearbhall im cheann: d'imthigh luadhail mo mheabhrach uaim. Istigh i gcoircheann na bhfear do gheóbhfá é go neamheaglach: sa lár. As coircheann na rotha seadh bhíonn na spócaidhe ag spréidheadh amach go dtín fleasc: an lár cruinn go mbíonn ceann an acastair ann.

coircheannach: *a.* cruinncheannach. Tá an chruinne coircheannach: a dhá cheann (thuaidh a's theas) cruinn. Cuirtear blúire coircheannach ar pheil (chaid) ar an dá áit go dtagann ceann na stráicidhe go léir le chéile. Bíonn ceaisil coircheannach. Bhíodh na túir chruinne agus na púicínidhe coircheannach: ceann nó buaic chruinn ortha i ndéanamh liathróide.

coirr-fhiacal: (**cairrfhiacal**) *b.2.* fiacal ag fás as an ndranndal. Cairrfhiacla ar fad a bhí aige: fiacla móra ná raibh suidhte 'n-a gcír riartha. "Go mbeiridh an diall do chairrfhiacla uaim!" friotal tarcuisneach le duine go mbíonn fiacla soiléasta aige.

coirr-mhíol: (**corra-mhíol**) feithid bheag a éirigheas amach ar uain bhuig, go mórmhór roim bháistigh. Tímcheall curracha a's bogach is mó gheibhtear iad. Chiapfaidís tú nuair bhaileóchaidís 'n-a sluagh ar do chneas. Chómh tiugh le corra-mhíolaibh do bhí saighdiúiridhe dhá threascairt sa Chogadh Mhór: chómh hiomadamhail a's bhíonn corra-mhíola san aer nuair éirighid amach. Tá atharrughadh aimsire air, tá corra-mhíola ann: sin mar deirtear nuair chídhtear iad.

coirt: *b.2.* an croiceann a bhíos ar chrann, dath smeartha ar chroiceann an duine, leasughadh leathair, líonta etc. Féach! tá coirt an duine mhairbh ar mo mhéireannaibh, cé gheóbhaidh bás?: baill bheaga buidhe chróna a láithrigheas ar an gcroiceann a's go gcreidtear gur tuar báis dhuine éigin aitheantais é. Ní nár do labhairt ar ghileacht gné, tá coirt a dhóthain fé féin!: tá sé buidhe, dubh go leór. Cuirtear coirt fé líontaibh chun a mbuanchoimeádta: dath donn dhubh, sughlach choirte na gcrann. Árdóchaidh lucht fiach leó me idir choirt is chroiceann!: ní fhágfaid lighe na léithe (léighe) agam: scriosfaid ar fad me. Ní beag agat tu féin, leasófá leathar gan coirt! chuirfeá an dath air gan an t-adhbhar: dhéanfá cloch bhríce gan tuighe. Ar son Dé! sara bhfeicidh na daoine thu, bain díot an choirt!: an salachar atá 'n-a bhrat ar do chneas mar bheadh an croiceann ar chrann! Ar imthigh an choirt fós de?: ar nigh sé a's ar ghlan sé é féin? ar thug sé cuma an duine air féin (duine gur gnáthach leis bheith salach). Tá an choirt ortha!: tá teimheal ortha: aithis éigin is eól do chách.

coirteach: *a.* go gcoirt, tóinleasuightheach, cróndubh; teimhealuighthe. Nách coirteach na daoine iad so ón bPoirtingéil: donndhubhchroicinneach. Tréis mo sheachtmhaine iascaigh gan gallúnach do dhul ar m'aghaidh ná an rásúr ar mo chorrán bhíos coirteach a dhóthain d'aonne: bhí mo cheannagtha chomh barcach, salach a's chídhfeá ar aonne. Líonta coirteacha nár mhór duit chun maircréal (ronnach) amanna, mar bhíd braithteach, aireach: líonta go mbeadh coirt go trom fútha. Tá cuma choirteach tugtha gen dtuaith ort: táir donnchroicinn ag gaoith a's gréin na tuaithe.

coirteáil: *b.3.* do chur coirte ar. Féach ar a lámhaibh ó bheith ag coirteáil líonta: ag cur coirte fútha. (Leachtar an choirt in uisce fliuchaigh agus túmthar na líonta, seólta etc. innte ar an aiste sin.)

coirteálaim: *b.a.* Choirteáil sé na líonta, na seólta. Líonta coirteálta is fearr mar ní bhíd chómh soiléasta san uisce gen iasc.

coirtheacht: *b.3.* tnáidhteacht, cnaoidhteacht; ar aiste bheith tugtha spíonnta. Coirtheacht an domhain do thagann orm tréis mo lae oibre: bíonn an neart 'san luadar díscighthe ionam. Caithfead suidhe, tá coirtheacht an chnuic ag teacht liom: táim tugtha ag strus siubhal i gcoinnibh an aoird. Déinim mo dhícheall gan aon choirtheacht do theacht orm ag gabháil den obair seo: gan m'inchinn do leigeant i dtuirse. Bíonn coirtheacht chnámh a's incheann orm: tagann tuirse ó shaothar ar m'inchinn agus ar mo chorp. Tagann coirtheacht ar an gcorp: athtuirse ar an aigne, agus cnaoidhteacht trí thraochtacht agus coirtheacht incheann a's cuirp: laige nó spadántacht. Cuirir coirtheacht orm bheith ag éisteacht leat: crádh.

coirtheóir: *f.3.* duine a ngnéas (ghníos) coir mar spiaireacht nó a thugas cúis gan mhórghábhadh in aghaidh duine eile. Ní mise do choireóir ach do ghníomhartha: ní mise a chuireas faic id leith, ach is eól don saoghal tú bheith cionntach i nidhthibh neamhdhleaghthacha. Coirtheóir gránda, táir a scéidh orm lém namhaid: spiaire gan mheas.

coirtighthe: *a.r.* dubhchrón, riabhach. Croiceann coirtighthe ort go gcúbfadh an té budh neamhchradhscalaighe uait: croiceann neamhthaithneamhach toisc néal chróndhubh do bheith ann nár mhaith leat baint leis.

coisceadh: *f.* (*-cthe*) stad, dóthain, bac, toirmeasc. Fear go mbíonn a choisceadh caithte aige gan bheith ar meisce: a dhóthain. Níl agam ach chúig phúint i gcóir an bhóthair go hÁth Cliath, is eagal liom ná fuil mo choisceadh agam a's go mbeidh easbhaidh orm: oiread a's budh ghábhadh dhom: déanamh mo ghnótha. Ná tabhair a choisceadh den mbeathuisce sin do, ní maith do raidhse: an oiread díreach a's go n-aithneófá go raibh deoch mhearbhaill caithte aige. Ná cuir a thuilleadh ualaigh orm, tá mo choisceadh orm: oiread agus is féidir liom d'iomchar. Mara mbeadh coisceadh éigin do bheith air bheadh sé annso agus an fonn a bhí air teacht ar a bhéal féin: rud éigin ag cur baca air.

coiscéim: *b.2.* céim coise, truslóg, dul chun cinn nó chun deireadh (ar gcúl), ar aon atharrughadh amháin leis an gcois; gluaiseacht chun cinn ar na cosaibh. Coiscéim eile ní raghad, ní chorróchadh Fir Mumhan as so me: fanfad mar a bhfuil agam. Ní mór an deabhadh a bhí fúm, geallaim duit, ní rabhas ag sodar ná ag rás ach ar mo choiscéim: ag cur na gcos go mall, suaimhneasach. Géaruigh ar do choiscéim: déin deifir (siubhail). Ní raghadh aonne 'on Daingean as so ar a choiscéim i dhá uair an chluig: gan deabhadh do dhéanamh. Is fada an choiscéim as so go Cill Áirne – dachad míle deirir liom: siubhal mór don té ná beadh cóir iomchair aige. Tógair coiscéimeanna rófhada dhom, ní fhéadfainn congbháil suas leat: truslóga móra: an fhaid talmhan a bhíos idir do thrathacha ag siubhal bíonn rómhór dom. Cad chuir an choiscéim ionat?: cad bhacaigh thu? Tá coiscéim bhacaighe ann, chuaidh tairnge 'n-a sháil a's ní leigeann sé go rómhaith fé an chos: do dhíth nirt nó áis nádúrdha na ngéag agus mar sin gan córaidheacht cheart i síneadh na gcos chun siubhail. Coiscéim coilligh: coiscéim ghearr. Lá Coille bíonn coiscéim coilligh sa bhreis ar an lá: faid bheag. Má tá bóthar fada féin rómham gluaisfead moch a's bead ag baint coiscéime as (dhe): ag ciorrbhadh an bhóthair gan mé féin do shuathadh.

coisceóir: *f.3.* duine nó rud a bheadh san tslighe, a chuirfeadh bac ar ascnamh aonne, a mhoilleóchadh é, a stadfadh é nó a threasóchadh air. Níl ionta ach coisceóiridhe sa Dáil, is cuma cad é an t-acht do chuireann an Riaghaltas os chómhair na dteachtaidhthe bíonn an champlacht so i bhfreasabhra. Ní mór a scaipfidh sé i nDaingean ná i ndeighbhaile tá coisceóir maith air, a bhean!: duine a chuireas cosc: bac: bárthain: ná leigfidh do toil a mhéine do bheith aige. Nuair thug sé iarracht ar na coisceóiridhibh do chur ar an inneall do shnapadar a's as go bráth leó isteach 'on ghleann: fearas a mhoilligheas gluaiseacht roth trí fhrithchuimilt ar an bhfora. Ní hé olcas na farraige lasmuigh a choimeádas sinn ó iascach, an drochchalaidh ár gcoisceóir: a chuireas stad linn.

coiscim: *b.a. 7 n-a.* bacaim, toirmeascaim, treasuighim ar, téidhim i, fógraim, múchaim (tart). "Geallaim duit go gcoiscfead de ghadaidheacht ach na cosa do thabhairt dom an turus-so": go staonfad: go stadfad do bheith ag gadaidheacht feasda. Coisc ded chnáimhseán, ní bhíonn de cheól agat ach a oilceas ataoi as seachas an saoghal mór: stad de. Dá gcoisceadh a mhuinntir sa bhaile é, ní bheadh sé chómh deiliúmhasach lasmuigh: dá gcuirtí smacht ag baile air ní bheadh sé drochmhúinte ameasc daoine eile. Ní choiscfeá

ar dhigh é ach oiread a's a choiscfeá lacha ar linn: ní fhéadfá teacht idir é agus í. Coiscim ort gan dul ann, agus ná téidhir thar mo chrois: toirmeascaim ort, fógraim ort gan dul dem aindeóin. Choisceas air dul ar snámh an lá fuar so, ach ní dhéanfadh an cheanndáine dho rud do dhéanamh orm: d'fhógras air gan dul ann nó gur bhaoghal do. Bíonn sé coiscighthe (coiscthe) ar Chaitliocaidhe feóil d'itheadh Dé hAoine: fógrann an Eaglais air gan a dhéanamh ar phiniús peaca marbhthaigh. "Raghad 'on Amharclann", ars an garsún, "ní choiscfidh faic thu ach an t-airgead" ars an mháthair: ní thiocfaidh neach idir tu agus an áit. Táim d'iarraidh an scéil d'innsint mar thárla ach caithfead éirghe as mar coisceann an duine seo me lé n-a cheistiúchán: tagann sé treasna orm agus cuireann bac ar m'aithris: níl ionam dul chun cinn 'n-a thaobh. Cad choisc tu ar an airgead a bhí in ionbhaidh a dhíolta liom do chur chugham?: cad é an chúis faillighe. "Buailfead é" – "coisc! adeirim leat": staon: ná déin a lithéid. Duine é sin ná coisceann aonne faic air mar nách fearr bheith ag gabháil den anchúinse ná leigeant do: ná tagtar treasna air. Coisc me má fhéadair! a shlán fút teacht treasna orm! Coisc annso! go dtagad amach a's go searad mo chosa, tá coirtheacht an fhadshuidhe orm: stad annso. "Bímís ag gluaiseacht" – "coisc go fóill, tá an lá fada againn": sos go fóill: staon tamall. Cosc do dheóra, níl maith i gcathughadh ach é do mharbhadh lé foidhne: ná goil a thuilleadh. Ní choiscfeadh an bhéalbhach san uan! gan bac lé capall: ní choingbheóchadh fé riar é gan a shlighe bheith aige.

coiscriughadh: *f.* treasnughadh, cruisteach; teacht treasna (ar), ninsceacht. "Ná freagair sara gcloisir an chúis ná ná déin coiscriughadh daoine i lár a ráidhte": ná treasuigh ortha: ná cuir isteach ortha. Pioc éisteachta ní bhfuaireas, ní túisce do bhíodh focal asam ná bhíodh duine éigin ag coiscriughadh orm, cuid aca lé ceisteannaibh, cuid aca lé feadghail a's búirthigh, a's a thuille ag amhrán: ag múchadh mo ghlórtha, ghom bhac. Coiscriughadh ar mo chuid oibre seadh bheith ag cainnt leis gach aonne a gheibheas an treó a's a chainntigheas me: cruisteach uirthe.

coiseagán: *f.1.* ceangal cos (cos a's cinn) ar ainmhidhe, laighncidhe. Déintí iad lé piseógaibh le linn dortha bó i gcóir an ghamhna go mbeadh muinghin lé n-a theacht: súgán féir chun ceangaltha an ghamhna. Cad tá chun tusa do chosc ar dhul chun an tsiamsa ach oiread lé haonne eile? cá bhfuil do choiseagán?: an ceangal cos.

coisfhinne: *b.4.* báine bheith i gcois capaill síos ag an rúitín. Capall go raibh coisfhinne thosaigh ann a thóg an rás, b'fhuraist aithint é: capall coisfhionn: capall go mbeadh cuid dá chois bán (nó í ar fad).

coisidhe: *f.4.* siubhalaidhe, saighdiúir i gcois (gan capall cogaidh). Chuala coisidhe ag teacht go tromchéimeach: duine éigin ag siubhal a's glór mhór ge n-a chosaibh. Coisidhe maith a shiubhalóchadh cheithre mhíle: siubhaladóir: duine i gcois. Ní choisidhthe maithe máirnéalaigh: ní maith iad chun siubhail toisc gan an taithighe. Indé do rinne Hitlear gabháltas (do threasteóruigh) ar an Aistria, ach ní lé coisidhthibh é ach saighdiúiridhe i ngluaisteánaibh: saighdiúiridhe a ghluaiseas de chois amháin.

coisidheach: *f.1.* coisidhe, duine i gcois. Ní coisidheach é, ní sodarálaidhe a's ní reathaidhe capaill é, a's cad ar gur maith é?: ní siubhaladóir maith é. Is diaill na

coisidhthe na tuinncéiridhe ban, chídhfeá iad guala ar ghualainn lé n-a gcuid fear, a leanbhaidhe ar a ndruim aca go luath, láidir: mná atá i ndán talamh do chur díobh. Ní haon choisidheach é ach suaineálaidhe mall nár bh'fheárrde thu siubhal lé n-a ais: duine ná gluaiseann a chosa go cruinn. Cá bhfaghfá coisidheach is fearr ná an scadan?: taisdealaidhe. Céaca is fearr de choisidheach an girrfhiadh nó an fiadh?: céaca is mire ar a gcosaibh? céaca is mó lúth a's siubhal? Coisidheach ná cuireann a chos fé seadh an bás: bíonn sé siubhalach ar dhuine éigin do shíor.

coisidheach: *a.* mear ar an gcois; mearshiubhalach; rith maith. Bíonn girrfhiadh níos coisidhighe ná coinín, agus cú ná madra gearra: is luaithe ar a gcois iad: is fuinneamhla iad. Oibridhe coisidheach seadh é: tá i ndán oibre do dhéanamh agus tá lúthmhar ar a chois.

coisidheacht: *b.3.* siubhal, taisdeal tapaidh, luas reatha nó siubhail. Chaill sé an choisidheacht lé fada: d'imthigh luadar a chos uaidh. Tá an choisidheacht ag cailleamhaint orm: níl mo chosa chómh héascaidh a's bhídís. Budh mhór an choisidheacht lae siubhal ó Thráighlí go Dún Chaoin: taisdeal. Tá coisidheacht éigin fút anois: aithnighim ar an bhfuadar atá fút go bhfuil fonn ort dul tamall ó bhaile. Thug sé tamall maith istigh gan corruighe amach tréis na cinneamhna, ach tháinig a choisidheacht do: fuair sé lúth a ghéag airís. Tabhair a choisidheacht don madra bocht a's ná coingeibh ar éill é: tabhair cead a chos do: scaoil ar a chuaird do féin é. Déin coisidheacht agus b'fhéidir go mbéarfá ar an mbóthar air: luathuigh a's ná staon.

coisighim: *b. n-a.* taisdealaim de chois. "Ar choisighis gach céim ón mbaile mór é?" – "choisigheas": "shiubhalas". Coisigh leat: dein deifir: luathuigh ar an siubhal. An bhfuil an bealach ar fad coisighthe agat: taisdealuighthe de chois.

cois-imtheacht: *f.3.* slighe nó nós gluaiseachta. "Sid é m'fhear-sa", ar sise, "d'aithneóchainn a choisimtheacht in aon áit": an tslighe siubhail atá aige. Budh sheólta an coisimtheacht a bhí aice, éadtrom, éascaidh ar a céim: budh líomhtha, so-amhairc an nós siubhail a bhí aice.

coisín: *b.4.* cos bheag, gas beag. Do choisín dheas i mbróig: do chos bheag chórach. Connus tá "coisín dheas" i mbróig?": connus tá an cailín go bhfuil na cosa gleóidhte, córacha fúithe a's a shiubhalas chómh néata?

cóisir: *b.2.* $_{7}$ *5.* fleadh, cómhluadar bailighthe do cheileabhradh aon chúrsa nó teangbhála, bainis, cuirm. Pósfaid ach ní bheidh an chóisir ortha imtheóchaid go B'l'Átha Cliath ar mhí na meala: ní bheidh fleadh ná coinneamh ann in onóir don gcúrsa. Bhailigh sé cóisir mhór 'n-a thímcheall chun a theachta abhaile do cheileabhradh: scata mór daoine chun cóir bídh is dighe do chur ortha agus cuideachtanas do dhéanamh ar son a theachta. I ndeireadh na biadhaiste aisteóireachta thugadar cóisir mhór san amharclann uatha: tháinig cómhluadar mór ar cuireadh chun onóra do thabhairt do lucht na haisteóireachta. Bhuail cóisir ragairne liom ar an sráid tréis meádhon oidhche ar a mbealach abhaile a's iad go súgach: dream a bhí ar coinneamh cúrsa éigin gur mhian leo ádhbhar siamsa a's aoibhneasa do dhéanamh dá dhruim a's a bhí déidheanach sar ar scuireadar. Fear ná

feacthas riamh ar chóisir ná ar thórramh: duine coimhtheach ná téidheann ameasc cuideachtan. Bhíos ar chóisir Ghiúdach i Lonndain um Nodlaig agus is annamh do chonnac oiread seódraidh, feabhas bídh is siamsa: cruinniughadh tagtha ar coinneamh chun seal do chaitheamh go subháilceach, súgach. Oidhche an lae do phósas do bhí cóisir ag teacht chun mo thighe a's mo bhainise a bhí míle ar faid!: an dream a bhí ghár dtionnlacan.

cóisire: *f.4.* aoidhe ar fleadh nó ar bhainis. Ó ná raibh slighe i dtigh na mná nuadhphósta b'éigean do chuid des na cóisiridhibh dul agus súgradh do dhéanamh i dtighthibh eile an bhaile: na haoidheanna: na daoine go raibh cuireadh fachta aca chun na bainise.

coisire: *f.4.* bonnaire, teachtaire reatha. Chaith sé a shaoghal 'n-a choisire sa tsiopa dheóranta: 'n-a theachtaire ag imtheacht 'sag iomchar rudaidhe dhóibh. Theastóchadh coisire uait a chuirfeadh gach nidh ar do bhais chughat táir chómh tóirtéiseach san: fóghantaidhe umhal a dhéanfadh gach aon rud dá shuaraighe dhuit.

cóisireach: *a.* go n-iomad cóisreach. B'é caisleán Phiarais an deaghbhaile cóisireach nuair bhí sé in aoirde láin: is ann do bhíodh na fleadhanna mórthomhaltacha, tromdhighe. Tigh cóisireach seadh é, bíd ann anoir 'saniar ag itheadh a's ag ól do shíor a's de ghnáth a's gustal aca air: tugtha do ghasraidhibh do bheith aca ar fleadh a's siamsa. An-mhuinnteardha an-chóisireach an tigh tábhairne é sin: na daoine a ghnáthuigheas é daoine sochoidrimh, sochuideachtana seadh iad. Ósdlann cóisireach seadh é, is annamh oidhche ná bíonn dream éigin ann ar séire nó ar ilrinnce: bíonn bualadh mórán daoine ann a thagas chun seal aoibhneasa do bheith aca.

cóisireacht: *b.3.* do chaitheamh fleidhe. Cá bhfuil log na cóisireachta san ósdlann so?: an seómra go mbailightear ann go tromshluaghach chun ithte agus ólta go fairsing, flúirseach, súgrach. "Má bhuadhaim choidhche duais, mór nó beag, ar chrannchur na n-ósbuidéal tabharfad cóisireacht dos na bochtaibh im thímcheall", ars an scailbhfhéitheanaidhe: cuirfead cóir tar cóir bhídh agus dighe ortha.

coisreacaim: *b.a.* (**coisreanaim, coisricim, coisrigim, coisrighim**) coisric, coisrigh, *b.o.*, bainim fíoghar na croise ar, beannuighim, diabhronnaim. In ainm Dé! coisrigh tú féin agus iarr cóngamh a's cabhair ar Dhia agus leig do dhaoinibh ná fuil ag cur chughat ná uait: déin fíoghar na croise ort féin in ainm an Athar, an Mhic agus an Spirid Naoimh. Ní ródheas bheith ag eascainghe ar thalamh coiscrighthe mar roilig: talamh atá curtha ar leithrigh do mharbhaibh a's atá beannuighthe dréir gnás na hEaglaise. Ar eagla mo mhillte, mar tá coiriughadh aige, níor bhuaileas uime riamh nár choisrigeas me féin: nár bhaineas fioghar na croise orm féin. Téidhidh ar bhur nglúinibh, coisrighidh sibh féin a's abraidh bhur bpaidreacha mar dhéanfadh Críosdaidhthe maithe. "Ar chualaidhís cad é an anchúinseacht atá déanta anois aige?" – "níor chuala, ach ní chuirfeadh sé aon iongadh orm, mar is fada gur choisrigh sé é féin": gur chuimhnigh sé ar Dhia an oiread san a's go ndeárna sé fíoghar na croise air féin. Coisrigh an t-uisce seo, a athair, léig gnás na heaglaise air, go mbí sé beannuighthe. An té ná coisreacann é féin ar maidin ní choisreacann sé é féin tráthnóna: an té ná hiarrann cabhair Dé ní maith do théidheann an lá dho gan drochrud do dhéanamh. "Coiscrighim me féin ar an gcinneamhaint", deir

duine ar chlos dho go dtárlaidh matalong mhór mar cluinn ghuail d'iadhamh ar scata fear, nó a lithéid: cuir cros Dé idir me agus an ndroichtheangbháil. Duine beannuighthe seadh an síománaidhe bocht – ní beannuighthe tá sé ach coisricighthe (coiscricthe): buaidh an ionracais ó Dhia do bheith aige.

coisreacan: *f.1.* do thabhairt ar leithrigh d'fhóghnamh Dé nó in a onóir; tugtha d'áis an chreidimh, d'óirdneadh ó Dhia; do dhéanamh naomhtha; do bheannughadh; do ghabháil buidheachais Dé in eaglais ar son tuismhidh nó gábhaidh thruim éigin eile. Thug sé an bóthar ar fad ghá choisreacan féin lé heagla púcaidhe nó anspridean éigin: ag déanamh fíoghar na croise ortha féin. Cuireadh fios ar an sagart chun an tighe nuaidh do choisreacan sara raghfí chun cómhnaidhthe ann: beannachadh na heaglaise do thabhairt do go mbeadh an rath air a's ar a mhuinntir. D'fhan sí istigh sa tsáipéal tréis Aifrinn chun a coisreacan ar son a tuismhidh gan chonntabhairt di féin ná dá leanbh. Táthar chun na heaglaise nuaidhe do choiscreagan: í do bheannughadh do fhóghnamh Dé. Caith braon den uisce coisreacain (coisricthe, coisric etc.) ort féin a's go nighidh sé smál do pheacaidhe dhíot: uisce beannighthe. Talamh coiscreachta seadh an roilig (an teampall). Do beannuigheadh é dréir ghnáis na heaglaise do bhail na marbh.

coisréad: *f.1.* aon éadach do chasfá tímcheall ort féin mar binn nó casóg mhór nó fallaing; clúdach. Cuireadh coisréad coingheibhtheach go maith ar an mbeart so, nár ghabhaidh Dia aige mara bhfuil go leór páipéir a's sreanng air. Caithfead coisréad oidhche do cheannach, budh mhaith é dá mbeadh orm éirghe amach sa bhfuacht ist oidhche: fallaing: clúdach. Coisréad cluthair seadh an bhinn sin ort, cad thugais uirthe? ní bheidh fuacht ar do chabhail aige: ball fairsing éadaigh lé caitheamh tímcheall na ngualann. Cuirtear coisréad ar an gcorpán a's ná bíodh sé leis: folach nó clúdach éadaigh.

coiste: *f.4.* buidhean mheasta, cómhaltas, gasra bailighthe i gcáirt chun cúise do chur fé n-a dtuairm (cuisle). Cuireadh coiste dháréag air ag an árdchúirt a's rugadar saor é ón gcoir a bhí n-a leith: dháréag duine gurbh'é a mbreith ar a móid ná raibh sé daor. Cuirtear coiste ar bun agus féachaidís chuige go mbítear ag éileamh a's ag lorg go dtí go bhfaightear leabharlann don bparóiste: gasra a dhéanfaidh comhchabhair a's comhoibriughadh go dtí go bhfaighid an rud atá uatha. Fágtar fén gcoiste gnótha na rudaidhe atá léirighthe ar an gcruinniughadh so do chur chun críche: beagán daoine toghtha chun gnótha an chruinnighthe do dhéanamh.

cóiste: *f.4.* cóir iomchair fé choinne taisdil aoibhneasa, mórdhála. Cóiste dhá roth: cóiste sciathánach: cóiste go suidhtear drom lé drom ar gach taobh: cóiste traenach. Chídhtí fadó "an cóiste maol fada" ("tuar an ghluaisteáin") a's cloistí fuaim aige ag taisdeal na mbealach: cóiste gan capall gan tiománaidhe anáirde air. An cóiste bodhar a ghluaiseadh gan cómhacht tiomána ná glór: samhladha fuadha. D'imthigh lá na gcóistidhe a's tháinig lá na ngluaisteán: cóistidhe capall, tá deireadh leó. "Cóiste indiu", ars an fear bocht lá a phósta, "a's asal ambáireach!": do cheileabhradh an lae tá cóiste fúm ag teacht abhaile ach ambáireach ní bheidh ar mo chumas ach an t-ainmhidhe réadhchúiseach, an t-asal: is geairrid é m'éirghe anáirde. Níl cairt ná cóiste agam ach mo cheithre chosa: aon ghléas iomchair. Ag imtheacht i gcóistidhibh do chaith sé a shaoghal: saoghal díomhaoin scléipeach aige: do shíorchaitheamh aimsire. Ní deintear aon eadh dhe sin, cad a dhéineas

sé ná cad ná deineann. Bean i gcóiste: bean ghustalach ná fuil abhac uirthe aoibhneas do bheith aice. Cuirimís cóiste chughainn: fostuighimís cóiste chun taisdil.

coisteóir: *f.3.* duine a bhíos ar choiste. Do bhí na coisteóiridhe d'aon bhuidhin gur cheart don rúnaidhe éaradh toisc nár dhein sé an gnóth do cuireadh air: gach duine (ball) den gcoiste (cuisle).

cóisteóir: *f.4.* fear a fhreathálas cóistidhe, fear a dheineas iad. Ní i ganfhios d'imthigheann rud ar chóisteóir: chídheann sé mórán de ghnóthaidhibh na ndaoine móra: bíonn eólas a meón aige.

cóisteóireacht: *b.3.* do thiomáint cóiste(idhe); déanamh chóistidhe. Nuair bhíodh iasc flúirseach a's sar ar scaip na daoine budh mhór an chóisteóireacht do bhíodh sa Daingean, chídhfeá iascairidhe na tuaithe a's muinntir an Bhlascaoid ag teacht abhaile n-a sraith ar na bóithribh. Ainmhidhe maith cóisteóireachta seadh é ach is eagal liom 'n-a thaobh fé thrucail: go maith chun gluaiseacht fé chóiste.

coitcheann: *a.* gnáthach, uilidheach, foirleathadach, poiblidhe, luardha. Caith uaim é, ní duine in ao'chor é, ach bleaigeárd coitcheann: bleaigeárd amach 'samach, ceann aca ná bíonn aon rud ródhona dho do dhéanamh. Galar coitcheann seadh an "fliú", tá sé san uile bhaile: galar fóirleathanadamhail; atá ar mhórchuid daoine. Biadh coitcheann na ndaoine mbocht fén dtuaith, prátaidhe, fén gcathair, arán: an biadh is gnáthaighe do bheith aca. Éirighim as mar fhear, ní chomhairleóchainn órdlach eile é, tá sé imthighthe coitcheann ar fad: tugtha do dhéanamh drochrudaidhe agus do chainnt gháirseamhail. D'imthigh sé coitcheann chun óil, níor fhan aon teóra leis an ndúil aige ann ná leis an méid d'ólann sé. Eadrainne tá an scéal go coitcheann go bhfuiltear ar tí monchra do bhunughadh sa Daingean: i mbéal gach aonne. Mo thruagh í an cailín bocht! tréis leinbh gréine do bheith aice a's ná pósfadh an cionntach í, d'imthigh sí coitcheann: d'imthigh sí n-a mnaoi choitchinn: striapach.

coitcheannta: *a.d.* gnáthach, nósmharach, fóirleathan; cómhnaidhtheach. Bíonn iasc coitcheannta dá fhagháil ag coclóiridhibh: go cómhnaidhtheach: an uile thráth. Rud neamhchoitcheannta dhom gan toitín do chaitheamh roim céadphroinn: rud neamhghnáthach: is é mo bhéas é do dhéanamh. Trí beilidhe ist ló an gnás coitcheannta annso anois: an gnás ameasc fhurmhór na ndaoine. Cainnt choitcheannta annso "ná bí ag mainís leis" in ionad "ná bí ag moilliughadh leis". Grian choitcheannta againn lé coighcíos: grian chómhnaidhteach: ní raibh aon atharrughadh aimsire ach í. Ní hé sin meas an fhir choitcheannta air ach gur duine gabánta é: an gnáthdhuine a bhuailfeadh umat.

coitcheanntacht: *b.3.* buanas; uilidheacht. Níor bh'aon rud liom rud do thabhairt ar cáirde dhuit anois agus airís ach a choitcheanntacht a bhír ag lorg orm: a mhinicighe. Maidir le coitcheanntacht luach an éisc, ní éirigheann sé anois thar choróin an céad: gnáthluach. Fear thar an gcoitcheanntacht dob eadh é go raibh a lán léighte agus siubhalta, taithighthe aige: níor mhar a chéile é agus furmhór na ndaoine 'n-a thímcheall.

coitchianta: *a.d.* do shíor. Bím annso coitchianta: is annamh as me: bím annso i gcómhnaidhe. Dá mbeidhfeá ag siubhal coitchianta seadh chuirfeá aithne ar an gcoitcheanntacht: ag siubhal de ghnáth seadh bheadh aithne agat ar an bpoiblidheacht. Bítear ag gabháil don bhfear bocht ag baile coitchianta toisc gan é bheith ábalta ar phuinn do dhéanamh: bítear leis (ag cnáimhseán) gan stad. Bhíodh buille coitchianta ag duine aca dhá chur 'n-a luighe sa chorrán ar an bhfear eile: bhuaileadh sé é go mion minic. Duine coitchianta seadh an duine seo in-ár measc-ne: tá aithne mhaith againn air lé n-a mhinichighe bhíonn sé eadrainn. Tugaim turas coitchianta ar an nDaingean nuair theastuigheann plúr uaim: ní théidhim in aon áit eile ach ann. Bí ag paidreóireacht coitchianta a's níl baoghal ar t'anam: bí do shíor a's de ghnáth ag guidhe: nuair bheidh cao agat air. Dathacha coitchianta is iad an clipe iad: dathacha gan stad.

coitchiantacht: *b.3.* na gnáthdhaoine. Mara mbeadh buidheachas de bheith ag an gcoitchiantacht air ní bheadh oiread rochtairidhe ag déanamh ar a thigh: an phoiblidheacht, sluagh na ndaoine. Fuilngeann an choitchiantacht nuair fhuilngeann na feirmeóiridhe: má bhíonn na feirmeóiridhe go holc as goilleann sé ar gach aonne. Toradh coitcheann seadh ubhla, ach ní toradh coitchianta iad: fásaid i mórchuid áiteann ach ní fhásfaid gach am den mbliadhain.

coitchinne: *b.4.* uilidheacht. Ní bhíonn airgead i gcoitchinne ag na daoinibh: ní bhíonn ádhbhar ag gach duine dhe: duine go mbíonn sé aca, a's daoine a bhíos ghá cheal. Bíodh seilg (sealg) an lae i gcoitchinne againn: deinimís í do roinnt eadrainn uile. Do labhairt i gcoitchinne tá an saoghal ag feabhasughadh in Éirinn: chun labhartha ar son na breise etc. Coitchinne an ghalair do dhísc na daoine: é do bheith chómh fóirleathanadamhail ortha. "Tugaim fé ndeara", ars an giúistís, "a choitchinne a's tá mionghadaidheacht ameasc an phobail annso, agus d'fhógróchainn dóibh feasda go ndíolfaidh an té geóbhfar daor ann go cruaidh as: a fhóirleathanadamhlacht a's tá sí, fairsing gnáth. "Dá choitchinne bhím ann níor bhuail an duine adeirir liom ann riamh: dá mhinicighe.

coite: *b.2.* saghas báid. Captaen coite ag Scot a's é ag triall ar an mol theas dob é Cuiriain ó Abha an Scáil: oifigeach go mbíonn cúram báid a's a fuireann air. "Gan choite gan bhád i lár na farraige amuigh": gan aon tsaghas áruis mara.

cóitín: *f.4.* cóta beag. "Cad deir glór i gcóitín?" deirtear lé duine óg a labhras mar labharfadh duine fásta. Nách é glór i gcóitín é: nách é an duine beag é go bhfuil mórán cainnte aige.

col: *f.1.* ₇ *3.* cosc, snag, toirmeasc, bac, fuath, fríthidheacht, constaic, gaol, míothaithneamh, andúil, miangus; briseadh móide. Níl col ar bith agam léd (roim do) chuideachtain: níl aon chur 'n-a coinnibh agam: ní fuath liom í. Cad é an col atá agat leis an mbiadh sin ná híosfá é?: fuath, gráin, míothaithneamh: cad fáth nách áil leat é? Tá col gaoil ann nách féidir leó pósadh: táid a trí agus trí de ghaol, nó rud éigin mar sin. Bíonn col na heaglaise lé feóil d'itheadh Dé hAoine: toirmeascann an eaglais é ar phionús peaca. Is olc é an col dob éigean do Dhia na cathracha do loscadh ón spéir lé teine agus ruibh le holcas a mbeatha: an mhalluightheacht, urchóid. Na trí nidhthe is mó col, an diall, an saoghal agus bean! Is geairrid é mo chol leis: is geairrid é mo ghaol leis.

Chaitheadar (fear a's bean) col do dhíol sara leigtí dhóibh pósadh, bhíodar chómh geairrid sin i ngaol: ceadaidheacht speisialta ón eaglais d'fhagháil. Col ceathrair dom seadh í: clann na beirte ban (fear, nó fear a's bean) seadh sinn. A thúisce chonnac é do tháinig col agam dá choinncín!: fuath don sróin sa tímcheall! Níor bh'fhada pósta iad gur ghlacadar col le chéile a's gur scaradar ghá rádh leó féin gur "bh'olc an scaoileadh dob fhearr ná drochphósadh": tháinig míothaithneamh aca dá chéile. Bheadh col orm baint leis an airgead nár thuilleas: budh ghráin liom é. Ní bheadh aon chol orm pé nidh budh mhaith liom do dhéanamh san tigh chéadna: aon bhac: cead agam chuige. "An ólfá deoch?" - "Fear maith a thairgeochadh dom í; cé hé go mbeadh col aige léi?": cur i gcoinnibh. Chuir sé an simné ar an dtigh gan chol: gan cháim: gan locht. Do chol duabhaise ort! nár leig don té ná raibh col ná cruisteach aige ort: go ndíolair go daor as do bhac lé duine ná raibh ag bacamhaint leat. Ann t-achrann so ar fad is tú is bun leis, ort-sa a chol seachas cách!: is tusa is inmhilleánuighthe. Ní truagh gol ach gol cuil: is é an té is giorra dhuit is mó a ghoilleas ort dá mhéid truagha is goilleamhnachais iasachtaidhe. Buadhadh ar ár mbuidhin, ach tá col curtha againn i gcoinnibh ár gcómhchomórtaisidhe, mar bhí imirtheóir aca nár dá mbuidhin féin: gearán curtha i gcoinnibh na breithe againn í do bheith mícheart. Cuan cuil seadh Cuan Árd na Caithne, mar ná fuil aon ghreim ceart ancaire ann a's mar sin ní bhfaghfá árrachas do dhéanamh ar bhád ann: cuan daortha lé n-a neamhdhaingneacht: cuan nách bhfuil sábhálta. D'íosfadh sé feóil chuil go mbeadh aicíd innte: feóil go mbeadh breith tugtha uirthe nár bhiadh folláin í. Dheineadh dlighe san Oileán Úr ag cur cuil lé h-ólachán: dlighe do thoirmeasc a dhíol ná a chaitheamh.

colach: *a.* toirmeasctha, coiscighthe (coiscthe), peacamhail, urchóideach. Sé adubhairt daoine gan bac lé cáin do chur ar ollmhuiridhibh ach iad do bheith colach ar fad: iad do chosc ar theacht isteach. Cógusaidhe áirighthe, bíd colach ar a ndíol ag poitigéaraidhibh: tá cosc ar a ndíol. Oireamhaintidhe áirighthe cneádhaireachta táid colach: ní lamhálann an dlighe iad do bheith ar díol. Rud colach seadh luighe trom ar bhochtaibh, ceann des na seacht bpeacaidhibh marbhthacha a bhíos ag éigheamh maitheamhnachais ar Dhia: rud gránda urchóideach.

colach: *f.1.* duine urchóideach. Cad budh colaighe dho a dhéanamh ná a chóimhchéilidhe do bhrath?: cad budh mheasa ná budh pheacamhla? Duine colach a ghoidfeadh airgead as eaglais (teampall): duine coireamhail: duine gan chogubhas, gan mheas air féin.

colaighe: *b.4.* (**colaidheacht** *b.3.*) cosc, bac; gráin, míothaithneamh; peacamhlacht. Daoine calcuighthe ná fuil eagla báis ná a gcolaidheachta ortha, go leanann dá míoghníomhaibh gan cuimhneamh ar an ndíobháil do dheinid do chách ná ar mhasla Dé. Mara mbeadh colaidheacht do bheith agam leis an dóigh go bhfágfainn a chuideachta?: míothaithneamh. Ní h-í an ghráin atá agam in ao'chor air ach colaidheacht cheart agam do: fuath 'gem aigne agus 'gem chorp leis. Tá colaidheacht ar an margadh ar uibhibh cearc gan glanadh: tá cosc ar a ndíol ann. Colaidheacht éigin idir Shasana a's Éirinn ná déanfaid síothcháin, ní beag le Sasana Uladh chuige: bac éigin.

colaim: *b.a.* coiscim, fógraim, bacaim, toirmeascaim (toirmiscim). Do chol an scrúduightheóir cuid dom shaothar orm a's níor glacadh leis: dhiúltuigh sé é: d'éim sé é. Ní cholfad-sa m'inghean ar tu do phósadh; má tá sí toilteanach seo léi: ní choiscfead-sa í.

Colaimís fir óga na hÉireann ar dhul ag troid do Shasana: bacaimís iad ar dhul ann. Dá fheabhas do cholas é, a's ní raibh aon rud go gcuimhneóchainn air ná gur chuireas sa tslighe air, do theip orm é do theipeadh: chuireas constaicidhe 'n-a choinnibh.

coláiste: *f.4.* scoil atá bunuighthe le húghdarás chun léighinn a's foghluma do mhúineadh. Nách neambéasamhail an t-ógánach é – sin é an coláisde go mbíonn sé ann: cuideachta nó tigh cuideachtan mar a mbailigheann na hógánaigh ist oidhche do chaitheamh aimsire dóibh féin. "Cá rabhais anois?" mar a raibh "cártaidhe dhá imirt" – "i gcoláisde maith": áit mhaith fhoghluma.

coláisteánach: *f.1.* dámhthach, mac léighinn i gcoláiste; duine gur dhóigh leat ar a chuma is a dheallramh gur i gcoláiste bhíonn sé. Dar an leabhar breac nuair chonnac chugham é mheasas gur choláisteánach é ar an éadach maith a bhí air agus an chuma a bhí sé: bhí sé gabhtha chómh galánta lé buachaill coláisde. Cá bhfuil an coláisteánach?: an té ar an líon tighe is díomhaoinighe agus is giobtha a bhíos. Cá mbíonn na "coláisteánaigh" ag bothántaidheacht?: "na buachaillidhe breághtha", buachaillidhe óga a bhíos lán de chleasaibh a's d'áilteóireacht. Ná bíodh aon eagla ort ná go mbeidh a cheacht go maith aige, is beag an cur suas iarrfaidh sé, coláisteánach aibidh seadh é: buachaill gur mó a fhonn díomhaointis as toirmisc (gan díobháil) ná obair.

colamán: *f.1.* ainmhidhe beag ceathairchosach, mianach idir an luch choitcheann agus an iarrach. Fuaireas nead luch colamáin áird: luichín cnuic, ní bhfaigheann neach í. "Dún do shúile go bhfaighead nead luch colamáin áird duit", agus cuirtear lámh na súl ndúnta i salachar duine.

colan: *f.* (*-la*) beithidheach bliadhna (bullán nó buineann). Cola (colna) maithe a shroichfidh airgead mór. Ar nós na cola ataoi: beathuighthe.

colann: *b.3.* (colna, *t.t.* colainn) an corp; an corp ciallda; an corp seach an ceann; an fheóil maidir lé colaidheacht nó ainmhian. Ar mo cholainn! go mbead ann má's beó mé: dearbhuighim, a's mo chorp 'n-a gheall leis, go mbead ann. Ar do cholainn má labhrais focal scriosfad an ceann díot: díolfaidh do chorp as. "Creidim i nDia, an tAthair Uilechómhachtach...in aiséirghe na colna": in aiséirghe cuirp ár Slánuightheóra ó mharbhaibh. Ag lorg raice dhom in aimsir an Chogaidh Mhóir cad bhuailfeadh liom ach colann dhaonna (dhuine): corpánaibh. Dá fhaid i gcolainn daonna me, a's tá na cheithre fichid dhá bhrughadh amach agam, ní raibh na tíortha chómh suaidhte: dá fhaid anam im chorp: beatha ionam. "Níl alfraits eile i gcolainn daonna is mó ná Príomhaire Shasana", ars an fear, "in aimsir an Chogaidh Mhóir": aon duine eile beó. An té ná cuireann srian lé hainmhiantaibh na colna is é a dhán dul go holc: an fonn peacamhail atá geinte san bhfeóil ag an nduine. Scar an t-anam leis an gcolainn aige ar dheireadh oidhche indiu: d'éag sé. Annsan do labhair an cholainn gan cheann!: an corp gan ceann. "Mo chorp a's mo cholann!" (móid). Dar mo chorp a's mo cholainn! go gcuirfinn an scian go fuirc ionat! Cuirir an oiread san feirge orm: ar mo chorp agus ar gheall scaramhna lém cheann. Dar do cheann a's dar do cholainn, a bhleáigeáird, go ndéanfá tromaidheacht ar aonne: tá sé tuillte agat díol go daor as.

colg: *f.1.* fearg, cochall; éirghe chun feirge, féasóg eórnan; clipe, brod, sceanbh, faobhar, bunach garbh, lín; rinn airm. Baintear an colg den eórnain sara ndéantar arán di: baintear na ruibidhe láidre ar nós guairidhe a bhíos ag fás tímcheall a's amach ón ngráinne. Nách cruinn do chlúduigheann an cholg an ghráineóg: an brat clipidhe a bhíonn ar an seithe dín. Slámtí colg an lín a's déintí téadáin de chun ceangal ainmhidhthe agus calcuighthe (cácála) bád de. "Cuirfear ag slámadh chuilg thu as an méid atá déanta agat": braighdeanas (sin obair a bhíodh ar phríosúnachaibh). Caithfir breis chuilg do chur ort féin chun na hoibre a's gan bheith id shíománaidhe tímcheall uirthe: faobhar do chur ort féin: fuadar oibre: deallramh a's fonn. Troid cholg do dhéineann na daoine i lár na coille istigh lé sleághannaibh. "Sciath a's clogad a's colg a's craoiseach ar iomchar ag an bhfathach gur scannramhail a imtheacht": cloidheamh. I dtroid cholg ní raibh faraire suas a chuirfeadh an ball ar Mhuiris an Chipín, mar chuir in iúil go minic: i bpionnsaidheacht: troid chloidheamh. Ara, a mhic ó, tháinig colg ar an madra nuair chonnaic sé an cat ag árdach a choda leis a's níor thaise don gcat: cochall: seasamh an chlúimh ar a dhrom a's ar a mhuineál: d'éirigheadar chun guimh. Cainnt ag tromaidheacht ar an ndúthaigh a chuireas colg cheart air lé n-a dhúthracht di: tógann sé chun cuthaigh chosanta é. Ghoirtigh rud éigin i súil m'órdóige me a's tá colg innte dhá dheascaibh: greadadh: leóchaileacht: ritheann ríog thinnis tríthe. Mín tláth an tslighe bheith lé duine go mbeadh rud uait air a's gan aon cholg do theacht ort, is cuma cá béal a gheóbhfá uaidh: gan éirghe i gcoinnibh chun argóna ná leithscéil.

colgach: *a.* rinneach, féasógach; clipeach; dásachtach, feargach; griogach; greadach, míleata, cogamhail. Toisc an deifiridheacht poilitidheachta atá idir é féin agus me, ar mbeith ag argóint dúinn bímíd go colgach lé chéile: bímíd a's gach uile fhocal ar fhaobhar a's ar fhulng againn. Ní mín ná ciúin atá an fharraige ach colgach: fraochda, fuinneamhail. Madra maith fartha oidhche seadh é, mar tá sé colgach: sothógtha chun feirge a's troda. An deargán a's an cnúdán níor mhór duit bheith aireach ortha bíd an-cholgach, gan choinne raghadh ceann ionat: clipeach: ar áitreabhaibh na n-earóg bíonn easnaidheacha caola cruaidhe i bhfoirm snáthaide, anghéar, an earóg féin idir chlipe a's uile mar bheadh lapa scairbheach. In ionad bheith colgach is amhlaidh do ghaibh Neapóilean gunna an fhoraire do fuair sé 'n-a chodladh agus rinne sé feidhm (dleasdanas, dualgas) an tsaighdiúra, uime sin ghá fhoillsiughadh cad é an tuigsint sa daonnacht a bhí ann: fíochmhar, forránta: imeartha (ar tí bruis do dhéanamh). Chuir sé roimis go colgach buadhachtaint orm – ar oileamhaint lé mí roime sin, togha bidh a's aire a's deaghchómhairleach: go fireann: do dhéanamh a raibh ar a chumas. Bíonn gráineóg colgach: clipeach: gáinidhe géara ag fás ar a seithe. Bíonn madra, tarbh colgach nuair thagann fearg ortha. Ní bhíonn coirce colgach ach bíonn eórna. Ní maith a's ní rómhaith ná ní lánmhaith an "geamhair" é nuair bhíonn sé colgach air: mianach aibidh, olc, ar é do chur chun feirge. Fé láthair is colgach na tíortha, Sasana, an Ghearmáin, an Fhrainnc, an Iodáil agus an tSeapáin: míleata: ag ullamhughadh chun a's ag bagairt cogaidh. Ní fheadar connus é ach bíonn súile mo mhéar colgach, teadhalach, mara b'é greadadh an phinn is bun leis: leóchaileach, soghoirtighthe.

colgaighe: *b.4.* go gclipidhe, go ndeilgne, teasaidheacht, canntalacht. Is beag lámh dhéineann éanlaithe an aoir ar eórnáin toisc a colgaighe, cosnann sí an gráinne: na ruibidhe guaireacha, deilgneacha. Ní fhéadfadh an madra dul i ngiorracht den

ngráinneóigín lé n-a colgaidhe, gach uair do thugadh snap théidheadh dealg ann: d'aiste deilgne (clipidhe) do bheith ag fás uirthe. Ciúnuigh tu féin! agus ná glac colgaighe, ná leig ort ná gurb é an cúrsa is áile leat ar domhan é: fearg: ná tógtar tú ar aon chuma: ná cuireadh sé aon tsuathadh aigne ort: caise (paisiún) obann.

colgánta: (**cealgánta**) *a.d.* féasógach, guaireach, deilgneach, clipeach; fíochda. Talamh cruaidh, cealgánta gur deacair é do threabhadh leis an méid chloch atá tríd an gcré agus na stacáin thalmhan ann: docht, deacair, dócamhail: docht leis an mbac a bhéarfadh ort: deacair trí mhianach na talamhan; dócamhail le haindisidheacht. Coisidhe cealgánta gur bheag air míle bhóthar do chur de, luath, mear, tapaidh: coisidhe go gcloisfeá a chéimeanna ag baint glóir as an mbealach agus go mbeadh buancas ann. Ghaibh an t-aiteann cealgánta suas trí bhonnaidhibh éadtroma mo bhróg: aiteann go raibh deilgne cruaidhe, géarbhiorach air. Fásann plannda i Meicseacó go dtugtar an Ceaictios air agus é chómh cealgánta san a's go stracfadh sé aon rud a cuimileóchadh de, tá sé chómh cealgánta san: lán de dheilginibh a raghadh thríot ar nós snáthaidhe. Oibridhe cealgánta ó dhubh go dubh gan tuirse gan gearán: cruaidh, acfuinneach, fuilngtheach. Ar gach greas do chuireadh dóirneálaidhe aca buillidhe cruaidhe, cealgánta i dtreó na n-easnaidheach ag an bhfear eile: buillidhe gonta a ghoirtigheadh é. Aimsir chealgánta gaoithe anoir, agus seaca: aimsir fhuar, fheannaideach. Mo thuairm go bhfuilir róchealgánta i luach an ainmhidhe, an dtaidhbhsightear duit go mb'fhéidir go bfhuil an iomad dá éileamh agat air, nách fiú san é, a's gan aon fhonn íslighthe ort? dian, buandhacht. Ó! léan air! cnoc róchealgánta seadh é lé hascnamh air, carraigeach, géar: cnoc rómhíochomhthromamhail gach órdlach de. Labhair go cealgánta leis an ngarsún fanacht as mo gháirdín ubhall (ubhalúird): go daingean d'fhógairt air gur tinn do má leanann air. Duine cealgánta: duine fuilingtheach.

colgdha: *a.* dásachtach, caiseamhail, lántoilteanach. D'ionnsaigheadar a chéile go colgdha gan truagh gan sos, ag glaodhach ainmeacha ar a chéile 'sag crústáil: go fíochmhar: olc a's buile ortha a's fonn díobhála a chéile. Dá cholgdha labhras leó, síothcháin do bheith eatartha, ghá athchuinghe ortha chómh maith a's bhí im chroidhe gurbh'é dob fhearra dhóibh, ní bhfuaireas uatha ach an chluas bhodhar: dá mhéid é mo mhotháilt aigne de bharr an fonn a bhí orm ghom bhíodhgadh chun síothchána do dhéanamh eatartha. "Is annsan do labhair Oscar go colgdha, dána go ndubhairt etc.": go tréan, mothálach: lán d'fhonn a cheana do dhéanamh in aghaidh namhad.

coll: *f.1.* saghas crainn. "Níl coll, níl cuileann, níl craobh ann ach clocha agus maolchlocháin" (amhrán). Bata cuill. "Coll a's cuileann rogha na coille": an dá saghas adhmaid is fearr ag teacht aiste.

collach: *f.1.* fireannach ainmidhthe éagsamhla; collach muice, etc., collach partáin, bradáin, etc.; duine dothuigseanta. Connus chuirfeá, a dhuine an chroidhe istigh, tú féin ná t'ainm i dtreis le collach: duine a bheadh chómh ceanndáine, dothuigseanta le collach (muice): duine ná beadh aon teóra lé n-a dhroichbhéas ná lé n-a theangain.

collaid: *b.2.* corp, scrothaidheacht. Is deacair a rádh go mbeadh neart ann ar luighead a chollaide, cá bhfuil a chabhail ná na géaga?: corp, scrothaidheacht: déanamh toirteamhail.

Nách áidhbhéil an chollaid do bhíonn ag an míol mór ar an meádhachtaint ar fad a bhíos ann: toirt tar thoirt. An lá fuair sé bás bhí an caitheamh dulta chómh mór san ann ná raibh collaid leinbh aige: corp chómh beag lé corp leinbh. An iongnadh leat neart a's obair bheith sa bhfear san? Féach an chollaid lé méid atá aige: an chabhail, an phearsa. Thug sé fiche cloch meádhachana ar a bhaclainn leis treasna an bhóthair mar bhéarfadh duine eile gabhál féir leis – sin í adeir a chollaid leis: sin í scrothaidheacht atá ann: méid a's cuma géag a's cuirp. Is iomdha greim maith dulta id chollaide riamh: is iomdha anródh atá beartha ar mo chollaid ó rugadh me: ar mo chorp. Ní líonfadh do chollaid an chasóg so lé fairsinge, tá sí bliadhanta rómhór duit: corp róbheag. Ní raibh an chollaid aige chun dul sa Gárdaidhe: an scrothaidheacht: tímcheall cabhlach.

colltar: *f.1.* an t-iarann céachda a bhíos ag teacht anuas ón mbéim go rinn an tsuic agus a ghearras fód na talmhan; duine teann, láidir (trop). Cad n-a thaobh ná beadh triadhail ann, colltar dingthe, láidir: fear chómh cruaidh le hiarann. [Is minic a tugtar "An Colltar" mar leasainm ar dhuine].

colm: *f.1.* colúr. "Colm ar cheannsacht seadh é", níl sé tagarthach ná bagarthach: mín, macánta. D'fhan sé ar nós an chuilm dá mhéid imdheargtha do deineadh air: socair, ciúin.

colmóir: *f.3.* iasc farraige gaolmhar don eascúin. "Gach aon tsádhadh chun ceann an cholmóra", deirtear lé duine go mbíonn gach aonne ar a thóir nó ag fagháil lochta air. Deirtear é dá mbeadh milleán an uile rud a thárlóchadh dhá chur air [mo thuairm gur tuigeadh do lucht ithte an cholmóra gurbh'é an chuid dob'fhearr de lé n-itheadh agus go mbíodh gach aonne ag sádhadh chuige d'iarraidh é do bheith aige féin. Tá an teanga lán den saghas so ráidhte]. Iasc daradha seadh é lé baoite maircréil.

colnach: *a.* beathuighthe, reamhar, garbh, míomhodhamhail, teannchorpardha. "Muc budh cholnaighe ná í", arsa fear an gheataidh, "ní tháinig ar an margadh so le fios cathain": budh mhó toirt agus b'fheólmhara. Ná bíodh aon fhormad agatsa le haonne, táir colnach do dhóthain: toirteamhail, mórfheolmhar. Ceáirniara ar an bhfear is colnaighe dá ndeaghaidh isteach i gcródh doirneála riamh: collaid mhór gan aon easbaidh feóla ar an gcnámh. Chonnac é sin agus im shaoghal beatha ní fheaca aonne, is cuma liom cé hé, budh cholnaighe ag itheadh ná é: budh alpamhla.

colnaid: *b.2.* mórchoimpléis, corpthoirteamhlacht, corpántacht. Ar éigean atá siubhal an bhóthair ann lé n-a cholnaid, an leathadh 'san fheóil ar fad: méid a's tímcheall cuirp: coimpléis nó tímcheall mór do bheith aige.

colnaidhe: *a.* corpach, feólmhar, draosta, ainmhianach, drúiseamhail. "Bíd siúd colnaidhe ar mbeith dóibh gan an spirid": fonn ortha siansa an chuirp do shásughadh nó d'fhaoineadh. D'íosfadh sé agus d'ólfadh sé oiread lé seisear - duine colnaidhe mar é: ainmhianach: scannramhail chun guilm an chuirp d'fhaoineadh. Ars an bochtán beagchórach, iad so ná fuil de chúram ortha ach a ndrom 'sa mbolg ní bhíonn dá thaidhreamh dóibh ach smaointe colnaidhe: ag cuimhneamh ar shásamh na colna. Tinneas colnaidhe dá lithéid ní tháinig orm ó lá mo mharthana, gíoscán ag gach cnámh liom lé reacht féin! Tinneas i ngach aon chuid dem bhallaibh beatha. Na ceasnaidhthe

iliomadacha colnaidhe a thagas ar an nduine táid do-áirimh, ón dtinneas fiacaile go dtí teascadh géag!: na gearánta cuirp. “Beiliail an spirid budh ráigeamhla dár thuit. Budh cholnaidhe”: budh chorbaighe, budh dhíobhalásaighe: budh mhó a bhí tugtha do shiansaibh is do mhothálaibh na colna do shásughadh.

colnaidheach: *a.* mórchorpach, toirteamhail, coimpléasach. Ag dul i reimhre, i mbeathuightheacht a’s i bhfeólmhaire a bhí sé, séidte, borrtha, ’n-a allait chómh teann le caid! go dtí ná raibh ann corruighe. Nár cholnaidheach do bhí sé?: mór, aindeis, trom, míothapaidh.

colnaidheacht: *b.3.* drúiseamhlacht, ainmhiantacht colna; neamhgheanamnaidheacht. Fear dob eadh é a chaitheadh a shaoghal tímcheall ósdlann ar thóir ban le colnaidheacht dosmachta: ainmhian drúiseamhlachta. “Cibé a dhearcas ar mhnaoi, lé colnaidheacht ’n-a diaidh bíonn drúis déanta aige léi ’n-a chroidhe cheana féin” (Maitiú V. 28): fonn a mhian do shásughadh léi.

colpa: *f.4.* an chuid reamhar den gcois ar chúl na lorgan: sámhthach, cos airm (úirlis); sámhthach na súiste; an chuid fhada d’aon úirlis. Nách córach na colpaidhe atá fúithe: nách maith déanta a cosa ón nglúin anuas. Colpa na súiste agus buailteán na súiste: an crann a bhíos id láimh a’s a bhíos ceangailte den mbuailteán (a scaras an gráinne leis an gcolg). Léan air! mhuis níl colpa a dhóthain ag cois an bhúird: níl sé reamhar go leór. “Mo ghradhain do cholpaidhe”, deirtear lé mnaoi go mbíonn ó alt go glúin córach, fuinnte. Nách colpaidhe go hailt é: an reimhre chéadna thíos a’s thuas gan déanamh córach. Colpa an ancaire: ón greim anuas go cor beann. Colpa na heachrach: ón luibh go fearas. Níor mhaith an colpa aonne den dtriúr chéadna chun bheith ’n-a threó ná ’n-a chosaibh: an earra: drochpháirtidhe.

colpa: *f.4.* ballán, bó, damh, ainmhidhe lánfhásta; tógtar é mar mhann féaránaigh; is ionann é agus sé caoire, ocht ngéadhanna déag. Ní chothóchadh an talamh san fiche colpa ach go hocrach ó cheann ceann na bliadhna. Beann chúig gcolpaidhe déag seadh é. Dhá cholainn (beithidheach ó bhliadhain go dhá bhliadhain) colpa; trí cheartaois dhá cholpa; sé caoire seasca agus cheithre uan, colpa: fiche beithidheach lánfhásta nó a gcómh. Dá laighead mo dheighleáil leis seadh is fearrde me mar ní rómhaith an colpa é: teangbhálaidhe.

colpach: *a.* go gcolpaidhe móra; láidir. Nách é atá go colpach: reamharchosach. Dá cholpaighe é Séamas do threascair Tomás é: dá dhéanta, láidre é.

colpán: *f.1.* clúdach leathair nó éadaigh don gcois a’s don lorgain ó ghlúin go béal bróige. Tá colpáin saor ag an nGiúdach i Sráid na Trágha.

colúr: *f.1.* éan. Tá mórán saghas díobh ann, an colúr talmhan a neaduigheas i bhfaillteachaibh ach ná téidheann ar an uisce, an colúr tuinne a neaduigheas i bhfaillteachaibh ach a théidheas ar an uisce amháin ach mar a mbíonn a áit chómhnaidhthe (anfhánach é, éan gleóidhte dubhghorm, gob a’s cosa dearga air, ball bán n-a sciathánaibh, eiteallann sé aníseal leis an sáile, níl sé chómh mór leis an gcolúr faille:

táid araon an-bhraithteach ar fad). Thug sé léim an cholúir uaim: thug sé geitléim. "Féach uirthe a's í ar nós an cholúir": cuma ghreantach, shlíochta, ghasta (frómhaidhe) uirthe. Deirtear lé haon rud (nuadh go mórmhór) go mbíonn cuma líomhtha so-amhairc air: "tá sé mar leigfeadh an colúr dá bhais é" (an amhlaidh gur ó dhéanamh an cholúir atá an samhladha tógtha?): gan locht, gan cháim.

com: *f.1.* $_{7}$ *3.* an chabhail; cliabh an uchta; an chuid is caoile den gcorp os cionn cromán; is minic a deirtear é leis an gcorp ó pholl oscall go cromán; an cuas nó an log a bhíos i mbolla, clais nó comar isteach i gcnoc nó idir dhá cnoc. "Maran b'é am duit é teacht chugham i gcoim oidhche", deirtear nuair ná beadh coinne nó ciall lé teacht. D'imthigh an duine suaidhte i gcoim oidhche d'fhéachaint an bhfaghadh sé an rud a bhí uaidh: fé dhoircheadas a's neamhshubháilce na hoidhche. Comhnuighim i gcoim an tsléibhe i bhfad ó bhóthar rianta ná casán, 'sis annamh scéal nuadh dom shroichstint: i gclais, a's árdáin im thímcheall. Bí dhá cháineadh leat anois (biadh nó deoch), is cuma dhuit ó tá sé féd choim agat: id bholg. Ar nós an tsionnaigh is iomdha rud fé n-a choim ná scaoilfidh chughatsa ná chughamsa: glic, coimeádach air féin. Cad é an méid órdlach tímcheall do choim thu? is sia me ann ná tímcheall m'uchta toisc me bheith chómh mórbholgach: os cionn cromáin. Táir an-thairngthe ar do chom: níl puinn feóla ort. Dhá ainmhidhe go mbíonn com caol aca cú a's capall ráis. "Mo dhá ghradhain do chom!" deirtear ag maoidheamh as dhuine. Dá ndéineadh duine beart iongtais déarfadh sé lé mórdháil, "tá a thuilleadh im chom-sa dhe": d'fhéadfainn breis do dhéanamh. Coimín Dineóil i nDún Chaoin, an baile is iartharaighe in Éirinn, Com Gath, ar an mbóthar ón nDaingean go Cill Mhic Éadair, Com na hÚtha san Leitir Iubhaic etc. Thugas an oidhche suas lé gearradh cuim: buinneach: scaoilteacht: buinne dhearg.

comach: *f.1.* brúscar (briste), briseadh, trombhualadh, blodhtacha. Leis an bhfánaidh anuas do rith an gluaisteán leis an dtiománaidhe gur deineadh comach i gcoinnibh falla dhi: mionramh nuair imthigh sí ó smacht. Fuair an long comach ar an gcarraig sa cheódh: brughadh a's briseadh. Dá mhéid chomaigh a gheibheas sleamhacán seadh is fearr lé n-itheadh é: brughadh agus bualadh mar dhéanfá lé tuairgín: tuargaint. Chloisfeá comach na dtonn ar na carraigeachaibh ná leigfeadh aon néal chodlata ort: bualadh a's tuargaint. Níl dem uaireadóir anois agam ach mionchomach tréis a tuitim: blúiridheacha beaga. Piléir mhóra le linn an Chogaidh Mhóir ní bhíodh mar a dtuitidís ach mionchomach ina ndiaidh: dheinidís blodhtacha de gach rud.

comáinim: *b.a.* spriogaim chun cinn, griogaim, cuirim iachall ar dhuine, ainmhidhe etc. dul chun cinn; gríosuighim, cuirim ar gluaiseacht. Comáineann an casúr an tairnge: cuireann lé cómhacht nó neart an bhuille tríd an adhmad etc. é. Chomáin Cromaill cuid mhór Éireannach dá bhfearannaibh go Connacht: chuir sé ann iad lé héigean nirt. Chómh luath agus fuair sé scéala go raibh a bhean i mbéal bháis chomáin sé go te tapaidh me ag triall ar dhochtúir: chuir sé ann me lé cómhacht a bhí aige orm nó lé héigeantas na hócáide ach lé deabhadh a's deifir. An iomad fiadhaigh a chomáin na girrfhithe as an gceanntar so: a ruaig iad. An bhean sprionnlaithe chomáin sí an bacach ón dtigh gan oiread agus beannachtas do thabhairt do: scaoil sí uaithe nó d'órduigh sí as an áit é. "Táim ag léigheamh i bhfad anois duit, an stadfad?" – "ná stad; comáin leat (ort)": lean leat: léigh leat (ort). Tnáidhte agus uile mar bhí sé ó shiubhal ar feadh an lae a's na

hoidhche chomáin sé leis d'fhonn an dualgas do cuireadh air do chóimhlíonadh: lean sé ar an lorg gan staonadh. Chomáineas liom ar an rud a bhí idir lámhaibh agam nuair tháinig sé isteach gan oiread de nath do chur ann a's go dtógfainn mo cheann: leanas ar an rud a bhí dhá dhéanamh. Comáin leat ar an bhfuadar atá fút agus beidh an saoghal go maith agat (searbhas): ná hatharruigh t'iomchar. An abrann tú liom gur b'é cómhacht an uisce a chomáin na carraigeacha móra san annsan?: gurb é an t-uisce lé n-a neart do rinne é. Comáin na hainmhidhthe isteach 'on chródh: cuir chun gluaiste iad agus treóruigh iad etc. Comáin an cat nó íosfaidh sé an t-iasc: ruaig é: cuir iachall air an áit go bhfuil sé d'fhágaint: cuir an teicheadh air. Ní hé a mheón féin ach an gádhtar a chomáin chun an donais é: a threóruigh sa treó san é. Comáin do lámh síos 'on sparán: sáidh síos é le neart. Chomáin an feilebhleaigeárd an scian go fuirc ionam: sháidh sé le treise í ionam. Comáinfidh fiacha agus dolaidhe as mo mheabhair me: cuirfidh siad as mo mheabhair me le méid an tsuathaidh aigne atá aca dhá chur orm. Comáineann an ghaoth an long: cuireann neart na gaoithe ar siubhal í.

comáint: *b.3.* (*–ána*) do spriogadh chun cinn; do ghluaiseacht ar aghaidh. Ag comáint an tairnge dhom do bhuaileas me féin leis an gcasúr san órdóig: ag cur an tairnge isteach lé cómhacht an chasúra. Caitheann sé a shaoghal ag comáint bheithidheach ón aonach go dtín luing: ag treórughadh bheithidheach. Ag comáint na ndaoine chun an donais atáid lé n-a gcuid droichdhlighthe: ghá dtreórughadh dá n-aindeóin sa treó san. Cé tá ag comáint an ghluaisteáin seo?: ghá chur chun siubhail a's ghá stiúradh. "Connus tá gach aonne agaibh sa bhaile?" – "ag comáint leo": ag dul ar aghaidh (ag maireachtaint) mar is fearr is féidir leo. An t-uisce lé gach tuile ag comáint gach aon rud roimis lé fánaidh: ghá chorruighe a's ghá chaitheamh roimis amach lé n-a neart. Bead ag comáint liom ag scríobh go ndeinead deireadh: ag gluaiseacht liom gan stad. Budh mhór an chomáint do fuair an tigh ón ngaoith: an suathadh, an tuargaint. Budh dhiall an chomáint í gur bhuadhadar orainn agus dhá bháire breise aca orainn: budh mhór agus budh dhian an imirt í gan sos do dhul ar a mireacht. Ar obair mhór do dhéanamh, aon rud do chlos nó d'fheicsint a mhúsclóchadh iongadh ionat de chionn a fheabhasa nó a thapamhlachta déarfá "is comáint í" nó "is í an chomáint í" nó "ní comáint go dtí í". "Nách agam atá an chomáint fachta ón saoghal" déarfá nuair thuitfeadh drochrath ort go minic. Bíonn comáint ar airgead ge daoinibh saidhbhre: bíonn siad ghá chaitheamh agus cumas a's tarang aca air. Dá bhfeictí scata fear ag obair a's iad ag déanamh cuid mhaith déarfá: "tá comáint aca (ar obair)". Gluaiseacht dréir trí fichid míle in uair an chluig déarfaí léi: "comáint seadh í". Lé haon rud a shásóchadh thú déarfá, "sin í an chomáint". San earrach, san bhfóghmhar, bíonn comáint ag feirmeóiridhibh. An siopadóir gnóthach déarfá: "tá sé ar comáint": ag obair ar lán an bhata. Ag comáint na namhad as ár dtír: ag cur iachall ortha fágaint: dhá ruagadh. Ag comáint tairnge i mbeó ag an gcapall: ag cur lé neart san gcuid íogair (an fheóil) den gcois laistigh den gcrúib. Dubhart leis comáint leis abhaile: gluaiseacht air abhaile de chois nó de chóir iomchair ach gan sos.

comair: *a.* beacht, cruinn, baileach. Ní mór budh ghádh dho a rádh mar an méid adubhairt sé dubhairt sé go comair é, gur thuig gach aonne é: go cruinn soiléir. Seanmóin chomair do thug an tAthair Seán uaidh an lá d'iompuigh sé amach ar an bpobal go ndubhairt: "a bhráithreacha, tá a fhios agaibh go léir go bhfuil flaitheas Dé a's Ifreann ann, bíodh bhur rogha agaibh": go gearr, cruinn soiléasta. Budh bheag an fhaisnéis do

thug sé dhom ar cad a bhí ar siubhal ag baile, mar leitir anchomair do scríobh sé chugham: leitir ghearr. Chuirfeadh sé taithneamh ar do chroidhe féachaint ar an seómra 'n-a diaidh, chuir sí gach aon rud chómh comair sin: chómh néata, deagheagair.

comán meall: *f.1.* saghas luibheann ná fásann ach i dtreó na talmhan a's boladh anbhreágh uaidh; deirtear gur maith lé caitheamh an teibe nó an sughlach do baintear as ar n-a beirbhiughadh (*a. nobilis*).

comaoin: *b.2.* $_{7}$ *5.* Sacraimint Séire Ár Slánuightheóra. Thóg (ghlac) sé Comaoin Naomhtha: Comaoin Chuirp Chríost. Déin Faoisdine is Comaoin. Creidim i n Dia...agus i gComaoin na Naomh: an comhgas atá idir na mairbh a's na beódhaibh.

comaoin: *b.2.* frithaisce, cúiteamh, cineáltas nó ceannúireacht miodal; milisbhriathar; moladh; plámas mín; maise. Ar bhriseadh suas a thighe dho thug sé mórchuid leabhar as a leabharlann dom agus mar chomaoin thugas láthair tighe eile dho: mar chúiteamh. "Dia dhuit", arsa mise leis, "Dia is Muire dhuit-se", ar seisean mar chomaoin na beannachtan: mar athghuidhe deighmhéine. Ní bhíonn aon cheart roimhe ré na buannacht ag duine ar an nidh a thagas chuige mar chomaoin: mar aisce: 'n-a shíntiús nó thabharthas shaorthola. Tá sé de chomaoin agam an rud-so do bhronnadh ort nó do loc ort: do chómhacht thabhartha. Comaoin mhór d'fheirmeóiridhibh na hÉireann seadh béas ar éadáil do scriosadh amach: maitheas mhór. Chaitheas seachtmhain ag obair go cruaidh dho agus an t-aon chomaoin do fuaireas an greim bídh d'itheas: an géilleadh beag san dom shaothar. An ndéanfá de chomaoin dom (orm) céad púnt do thabhairt ar iasacht dom?: gar, deaghthoil, gníomh cineálta. Níl an duine seo fé chomaoin ar bith agam: níl buannacht ar bith agam air de bharr maitheasa ná eile do dhéanamh do aon nidh. Ní fiú amháin an té is calcuighthe croidhe gan a admháil ná go bhfuil an dúthaigh fé chomaoin ag Deibh tréis an chuir seo atá gníomhuighthe aige lé Sasana: buidheachas na dúthaighe ag dul do agus buannacht aige ar a ndílse dá réir sin. An dóigh leat ná gur comaoin ar a scéimh an chulaith nuadh san uirthe: maise, feabhasughadh breithnighthe. Chuiris comaoin ar an bhfear mbocht a's an tseanchulaith sin do thabhairt do – an stracaire: dheinis bail mhór do: maitheas: maise. Ní bheinn fé chomaoin oiread agus luach pingine aige mar níor dhóichighde ná a mhalairt go gcasfadh sé le duine é. "Go bhfágaidh Dia do shaoghal a's do shláinte agat" – "an chomaoin chéadna dhuit-se": an deagh-ghuidhe chéadna go raibh leat-sa. B'olc an chomaoin ort tú do chur as an dtigh tréis ar dheinis ar son an tighe: b'olc an cúiteamh ort é: b'olc an déanamh do tugadh duit i gcúiteamh ar dheinis. Bliadhanta ó shoin bhí an duine sin i ndraip airgid, thugas fóirthint air, ach ó shoin gidh gur mhinic i ngádhtar cabhartha me comaoin gan cúiteamh seadh í: ní bhfuaireas aon rud 'n-a choinnibh. Tuarasdal anbheag atá dhom as bheith ag múineadh ach gur comaoin éigin laetheanta saoire fada do bheith agam: cúiteamh: íocaidheacht: sásamh: luach saothair. "Sin comaoin ort, a fharraige mhóir", ars an dreóilín nuair rinne sé a mhún innte: bail: gar: breis. Ní ghlacfadh sé aon nidh as an mbád do thug sé dhom ach i gcomaoin a faghálta uaidh thafantuigheas trucail air: i meas: fiúghantas measta. Thug sé comaoin a bhuille don bhfear a chuir achrann air: thug sé uaidh mar fuair sé. Bheannuigheas duit go séimh cad mar é dhuit i gcomaoin mo bheannachtan a rádh liom dul sa daill!: mar fhreagra tuillte agam uait. An caladh nuadh atá déanta dos na hiascairidhibh 'n-ár measc is comaoin don bparóiste é: is bail agus maitheas é. Is éachtach an chomaoin chainnte atá

fachta ag Deibh as gach áird de dhruim an chuir seo lé Sasana: an moladh milisbhriathrach.

comaoineach: *f.1.* duine a ghlacas Corp Naomhtha ár Slánuightheóra fé ghnéithibh aráin a's fíona; duine a dháileas maith nó gar ar dhuine eile. Comaoineach laetheamhail seadh duine fíorchráibhtheach. "Is tú mo chomaoineach", ars an leómhan leis an luich nuair ghearraidh sí lé n-a mionfhiaclaibh snáthach an lín go raibh sé mogalluighthe ann: a dhein maith.

comaoineach: *a.* maitheasach, tairbheach, feidhmeamhail, tláith. Rud comaoineach seadh an mhéirdéirc do dhaoinibh bochta ná fuil talamh ná obair aca: rud maitheasach: áiseamhail, tairbheach, cabharthach. Buachaill comaoineach é sin, ní eiteóchaidh sé in ao'chor thu, déanfaidh sé do theachtaireacht duit: umhal féicheamhanta, bog. Go comaoineach seadh thug sé áis an uaireacháin uaidh mar bhí an lúib istigh aige innte toisc gur lé n-a athair í: mar chómhartha deaghthola, caradais, cineáltais. Is comaoineach uaidh labhairt chómh mín ar dhaoinibh a bhí chómh borb leis: tláith: deaghchroidheach.

comard: *f.1.* (an bhéim ar an dara siolla) cómh i ndíolaidheacht nó i gcúiteamh; an cómhoiread céadna; comhtoirt. Tabhair dom geannc thobac a's tabharfad a chomard de thoitínidhibh duit 'n-a coinnibh: a chómh: a luach i dtoitínidhibh. Cad dob áil leis ag gearán ma dheineas a bhó do mharbhughadh gan choinne, cad d'fhéadfainn do dhéanamh ach a comard de bhoin do thairsgint do: bó chómh maith léi: a cómh de bhoin. Tabhair dom fiche púnt in airgead bhán a's tabharfad a chomard in ór duit: an oiread céadna airgid. Nuair ná féadfainn m'fhiacha do dhíol leis bhain sé amach a chomard de thalamh orm: an oiread talmhan agus chúiteóchadh na fiacha.

cómh: *f.* (*dodhiallta*) ionannas, codromacht, cóimheas. Dar leis an bhfear san nuair bhíonn sé ag maoidheamh as féin, as a ngníomharthaibh a's as a thréithibh, ná fuil a chómh lé fagháil ar fuaid an domhain: duine in ionannas do: a chomórtas ar fheabhas. Dá mbeadh a chómh istigh le Sasana lé fada riamh mar tá anois (Hitlear nó Musailíní) ní bheadh an oiread réime fúithe agus bhíodh: a comórtas, a codrom i neart 'san armáil. "Ní choidreóchainnse ach mo chómh féin", ars an tuinncéir, ag tagairt go searbhasach do dhaoinibh láidre (saidhbhre), "ní bheadh síos ná suas agam lé haon dream ach lé tuinncéiridhibh." Do chomh d'fhear níor casadh riamh orm, cé leis go réidhteófá?: duine mar thu lé haigne neamhshubháilceach, doronna. A chómh san d'áit adeirir dob eadh é, dréir na gcómharthaidhthe do chuala: a lithéid d'áit go díreach. Níl aonne dá fheabhas ná go bhfaigheann a chómh lá éigin: duine mar é.

cómhacht: [**comhacht, cumhacht**] *b.3.* neart, léidmheacht, ughdarás, ceannas, cumas, inmhe, buaidh, asarlaidheacht. "Dhá dtrian córa cómhacht": an té go mbíonn an neart ann baineann sé amach a mbíonn uaidh. Cómhartha soiléir ar chómhacht Shasana do bheith ag dul i ndísc gur ghread sí amach as Málta ar eagla Mhusailíní: a neart: a léidmheacht. Chaith cómhachta uile an domhain nách mór cheithre bliadhna i gcogadh leis an nGearmáin d'iarraidh a chómhacht do chlaoidheadh: a leidmheacht: neart a harmála a's a cuid fear. Ó fuair sé an iarracht (treighide) úd níl cómhacht a ghéag aige: luadar: bheith i ndán iad d'oibriughadh. Cad é an chómhacht atá agat-sa labhairt don gcoitchiantacht acht

do bharamhal féin?" – "mo bharamhal-sa an chómhacht": an t-ughdarás. Is minic deir duine i bhfeirg mhóir lé duine eile: cómhacht ag an ndiall ort!: go raibh cumas ag an ndiall ar thu do chur ar t'aimhleas. Dá mbeadh aon chómhacht agam leis do labharfainn ar do shon: cumas gur ar a fheidhm a bhíos an bhrigh lé haithneamhaint. Caitheann an chloch ghlas lé cómhacht an uisce uirthe: friothchuimilt. Níl sé de chómhacht incheann aige amadán do dhéanamh díomsa, dá mbeadh a theanga 'n-a leathbhéal aige go gcuirfeadh Dia fios air!: níl sé de thualangtacht ann: ábaltacht. Na luibheanna do baineadh a's do cuireadh leis an gcneadh do bhí cómhacht éigin aca, mar chneasuigh sí go luath: brigh rúnda: buaidh: éifeacht maitheasa a théidheas de thuigsint an duine. Deir daoine gurb é cómhacht na gealaighe (an ré) ar an uisce is bun leis na taoididhibh: feidhm na gealaighe: an ghealach do bheith i ngníomhachas air. Coimeád an fáinne sin agus pé greim cruaidh a bhéarfas ort cuir ar do mhéir é agus beidh sé de chómhacht aige fuascailt do thabhairt ort: draoidheacht: feidhm nách féidir lé hinchinn an duine do thuigsint. Ní maith, ná ní lánmhaith, le Sasana a cómhacht ar Éirinn do chailleamhaint agus níor mhaith dhi é: a ceannas: forlámhas. "Gura gearr do bheam anois fé chómhachtaibh coigcríche", sé guidhe gach Éireannaigh gur fiú "deoch 'e uisce na n-ubh" é: fé réir tíre lasmuigh. "Bíonn cómhacht ag an sagart, nár chualaidhis cad dubhairt le sean-Shéamaisín nár bhain linn? teasbáin gallán an tsagairt dom – sin é thiar é, arsa Séamaisín – tair in aonfheacht liom – ní fhéadfainn é ó aodhaireacht na mbó ar an gcoirce – tiomáin suas iad a's tair – thiomáin a's chuaidh. Go dtí gur fhilleadar níor tháing na ba níos giorra don gcoirce. Bíonn cómhacht ag an ndiall ar an té a bhíos ag dul ar a aimhleas: buaidh aige air: feart éigin. Níl aon rud go dtugtar cúis air ná go gcuirtear 'n-a leith: cómhacht chun feadhma do ghnóthughadh. I gcúiseannaibh na tuigseana d'fhéadfadh an chómhacht gan bheith curtha i bhfeidhm; ar an adhbhar san, tá sé de chómhacht agam rith, fanacht im shuidhe gan chor, nó siubhal. Acht i gcúiseannaibh neambeó ní cheapaimíd aon chómhacht agus ar an adhbhar san meádhaimíd cómhacht na cúise dréir na feadhma a ghnóthuigheann sí. Meádhtar cómhacht "gusa géir" (acid) ar iarann do leigheadh dréir an méid do leigheann sé go cinnte. Cómhacht bhríoghach (beartach) sí bunchúis gnímh; an chómhacht fhuilngtheach sí bunchúis an ghlactha. Cómhacht achmaoine in adhbharacht, cómhacht na fuilnge (fuilice) san inntin, cómhacht na gaoithe, uisce, gail, cómhacht innill, cómhacht ainmhidhe, neart géag. Is mór an chómhacht a bhíos i gcapall: ní cómhacht go dtí é 'n-a ghéagaibh. Cómhacht géige a's coise: neart, lúth. Is iomdha rud go bhfuil dulta amach air ag cómhacht na hincheann: cúiseacht. Níl in armaibh ach teannta a's úirlisidhe cómhachta forlámhacha: dochoimsighthe. Cómhacht na hÉireann: acfuinn armtha: neart an náisiúin. Diadhacht ("dí-acht" an fhuaim), a nádúir diadha: ollchómhacht: aingeal olc nó maith os chionn nádúra. Tá cómhacht éigin os a chionn a bheireas saor é ar a bhfuil sé scartha de chonntabhairtidhibh: aingeal maith éigin ghá chosaint. Dar ndóigh mara mbeadh go bhfuil cómhacht aige ní éireóchadh an uile rud leis go gcuireann sé a lámh ann: diadhacht éigin: fabharaidheacht éigin ó neamh: feart éigin dothuigse. Aibhle cómhacht an innill sin: an talcantacht do cuirtear leis. Oíle cómhacht an ghluaisteáin: an talcantacht a chuireas ar siubhal í. Is ag an ngiúistís atá cómhacht na dlighe: feidhm fachta aige dréir achta na dúthaighe an dlighe do riar mar is cóir agus is ceart.

cómhachtach: *a.* neartmhar, feadhmach, tualaing, buannamhail, cómhairleach; léighe na coitchiantachta. Tá airm chómhachtacha dhá chur lé chéile ar fuaid an domhain indiu:

mórchuid fear, armála agus lóin cogaidh. Cad is cómhachtaighe ná neart an uisce nó na teine: is treise. Fear cómhachtach sa pharóiste seadh é: éistear leis a's géilltear dá ghlór. Beidh greim cómhachtach go maith san tigh anois aige go bhfuil sé ag díol as féin: greim teann, a's beidh breis chumais aige ar é féin do chur in iúil. A Dhia Uilechómhachtaigh, féach orm go truaighmhéileach, iarraim cabhair a's cóngamh ort an saothar so do chríochnughadh go maith: Dia go bhfuil an uile neart a's an uile bhuaidh a's feart ar a chur. Duine cómhachtach leis an riaghaltas seadh é, agus dá loirgeadh sé aisce ar son na ndaoine ní dóchaighde ná go bhfaghadh í: tá léighe aige leis an riaghaltas. Do labhair Oscar go cómhachtach go ndubhairt, scaoiltear mise im uath a's im aonar chun na namhaide: go teann, dána, neamheaglach. Labhair-se leis, ní bheadh aon tor aige ar mo ghlór-sa; is mó gur cómhachtaighe t'fhocal-sa aige: gur ann is mó chuirfeadh sé tuath.

cómhagallaim: cómhchainntighim, déinim cómhrádh le, criatharuighim. I gcorplár na Sráide Móire do chómhagall fear deóranta me go caoin gur fhiafruigh díom connus mar bhís: do rinne sé cómhrádh liom. Nuair cómhagallaimíd a chéile bíonn gach focal ar fhaobhar a's ar fhulang againn, mar nílimid buidheach: nuair labhraimíd ní go grádhmhar é. Ar chualaidhis riamh an chuma chruaidh chealgánta 'n-a gcómhagalladh Pádraig a's Oisín a chéile i dtaobh creidimh a's an tsaoghail eile; Pádraig d'iarraidh do chur 'n-a luighe air go raibh neamh ann agus Dia budh thréine ná Oscar, Oisín go dúr, daingean gan aon fhonn air géilleadh: an tslighe go ndeárnaidís argóint agus áiteamh.

cómhagallamh: *f.1.* cómhaighneas, cómhchainnt, cómháiteamh. Ná tuigtear libh gur eagal liomsa dul i gcómhagallamh an scailfhéitheanaidhe seo gur dóigh leis ná fuil mac a shamhailt ar fagháil chun cúrsa do shuathadh: dul in áiteamh ghá shuidheamh gurb aige féin do bheadh an ceart. Chaitheamair araon seal fada i gcómhagallamh, ag suathadh fuadair na gCómhacht Mór maidir lé cogadh: ag cur a's ag cúiteamh: ag criathairt an chúrsa: ag trácht 'sag tabhairt a mbaramhla ar cad é an deireadh do bheadh ar an bhfiadhantas so a thaidhbhsigheas do bheith ar na Cómhachtaibh Móra. Do socruigheadh ar gan aon rud cinnte do dhéanamh an lá san ar chúrsa chómh tábhachtach leis, toisc ná raibh cruinniughadh iomláin ann agus a chur ar athlá d'fhonn a's gur bh'fhéidir leis an gCoisde cómhagallamh oireamhnach do bheith aca. Tá an cúrsa criartha a dhóthain, ná bíodh a thuilleadh cómhagallaimh againn air, cuirimís fé ghuth an chruinnighthe é: ná bíodh a thuilleadh áitimh 'n-a thaobh.

cómhaill: *b.3.* cóimhlíonadh, críochnughadh, an rud a fáistnightear a gealltar, a miantar a hórduightear nó go mbíonn inntin leis do mheabhrughadh, do ghnóthughadh nó do chur i gcrích. "Sé cómhaill na seanmhuinntire é", adeirtear lé duine a ghnídheas beart nó gníomh shásamhach agus a thaithneóchadh lé n-a shinnsear dá mbudh beó dhóibh. Deirtear é lé duine ná clisfeadh ar na daoinibh nó a dhéanfadh beart iongtach, preabamhail, fearamhail nó dúthamhail. Na daoine a éirigh amach Seachtmhain na Cásca níl aon mholadh i nGaedhilg i bhfios dom-sa is fearr a oireamhnóchadh iad ná "Cómhaill na seanmhuinntire": go ndearnadar díreach mar rinne laochraidh Éireann uile a tháinig rómpa. "Mo chomhaill thu!": tá rud déanta agat a shásóchadh aigne aonne lé n-a fheabhas, a chlisteacht nó a neamhghnáthacht: beart áluinn.

cómhaillim: *b.a.* cóimhlíonaim, ghnídhim, cuirim i gcrích. Má thugtar dom an bheart geallaim go gcómhaillfead mo dhualgas chómh maith agus tá ar mo chumas do dhéanamh: go gcóimhlíonfad na nidhthe atá riachtanach orm dréir cirt. Dá gcómhailleadh sé a chúram budh dheas an fear indiu é, bheadh obair aige agus meas na ndaoine: dá ndéineadh sé an rud a bhí ceangailte air do dhéanamh. Is beag air siúd geallamhaint, ach is lugha ná san air cómhall: ní bhíonn sé ar aigne an rud do gheallann sé do chóimhlíonadh. Is amhlaidh mar tá ag an bhfear san: gheallfadh ach ní chómhaillfeadh: níl ina aigne an rud do gheallann do chóimhlíonadh: fear nách taca lé n-a fhocal. Chómhaill sé a dhualgaisidhe agus a chúram chómh sásamhach san dá thír gur thug an Dáil táille dho: rinne sé gach nidh a bhí ceangailte air dréir córa nádúra nó dréir coinghill nó éigeantais.

cómhaimsir: *b.2.* (**cómhaimsear**) an aimsir nó an tráth céadna saoghail; in aimsir cheart, ar an dtráth ceart. Saoghaluigheadh é i gcómhaimsir liom-sa: tímcheall na h-aimsire céadna thángamair ar an saoghal. I gcómhaimsir na gorta seadh d'fhág a mhuinntir Éire: le linn na gorta do bheith ag bánughadh na hÉireann. Daoine cómhaimsire dob eadh Dómhnall Ó Conaill a's Tomás Dabhais: mhaireadar an tráth céadna. Beidh an traen istigh i gcómhaimsir: sroichfidh sí a triall ar an am atá leagtha dhi. An mbeidh an traen istigh i gcómhaimsir?: ar an am dú dhi.

comhainm: *b.2.* sloinneadh, ainm bhreise; duine go mbeadh an ainm (tsloinneadh) chéadna air a's bheadh ar dhuine eile. Caomhánach is sloinneadh dhom agus nuair bhuaileann Caomhánach eile liom agallaim é ar an gcuma so, "A chómhainm, Dia dhuit, etc.": a dhuine dem ainm féin. Séamas Ó Conchubhair darb chómhainm "Séamas Bán Ó Conchubhair": "bán" curtha mar bhreis lé n-a ainm 'sa shloinneadh chun é do dheighilt ó Chonchubharachaibh eile. Arsa Séamas Beag Ó Longaigh le Seán Ó Longaigh, siopadóir sa Daingean, "má thá fuighleach prionne agat, ar phláta, ar chornchlár, i dtarrachán, i bpota nó i gcorcán, ná clis ar do chómhainm": ar dhuine gurb ionann ainm do agus duit: ar dhuine ded chinneadh. I gcómhainm an lae seo d'éag sé: i gcómhaireamh an lae seo: an ceanntráth so de mhí.

cómhainmeach: *a.* go n-ainm gcéadna. Beirt cómhainmeach seadh sinn: beirt go bhfuil an tsloinneadh nó an chinneadh chéadna ortha.

cómhair: *b.* fiadhnaise; áis; (ar) aghaidh; (os) coinne. Dá mbeadh cainnt ag an sciain labharfadh sí leat, féach os do chómhair í: os do choinne: fé léighe do shúl: dá mbeadh an cruinneas ceart súl agat chidhfidís í gan iompódh ar chlé ná ar dheiseal. An rud adubhrais laistiar dem dhrom indé abair indiugh os mo chómhair amach é, má tá sé de mhisneach agat: im fhiadhnaise: suas lém bhéal. Marbhuigheadh annsúd os chómhair mo shúl é: im fhiadhnaise agus me ag féachaint air. Tá na hoileáin os chómhair na fuinneóige mar a bhfuilim ghá scríobh so: chídhfeá na hoileán ón bhfuinneóig: táid amach díreach uaithe. Gan allus gan náire os chómhair an tsaoghail mhóir dubhairt sé rudaidhe ná déarfadh aonne ach é: i bhfios don saoghal mór: gan scáth. Rugadh air ag díol deoch mhearbhaill ar thráthaibh coiscthe a's tugadh os chómhair na dlighe é: rugadh ar a thásdáil ag lucht na dlighe é. Os a chómhair amach déarfainn an méid seo, beir leat: gan scáth 'n-a fhiadhnaise. Budh réidhtighe go mór duit leigeant don bhfear droichmhianaigh sin, beidh

an méid adubhrais leis, cuir i gcás gurb í an fhírinne féin é, féd chómhair aige dhuit: istigh aige duit: beidh sé d'iarraidh sásaimh do bheith aige go fealltamhail (b'fhéidir): ní mhaithfidh sé dhuit go mbeidh an cómhardughadh díolta agat leis ar áis nó ar éigean. Sheasuigheadar os chómhair a chéile chun troda: thugadar aghaidh ar a chéile: bhíodar 'n-a seasamh ar an gcuma san go rabhadar i ngiorracht dá chéile agus ag féachaint ar a chéile. Mara laguighir ar an obair marbhóchair tú féin os chómhair do shúl (amach): i bhfios solasmhar duit féin: ní i ganfhios duit féinh do mharbhóchair tu féin. Os chómhair Dé deirim leat (dearbhuighim duit) ná raibh lámh ná ladhar agam id chuid: i láthair, i bhfiadhnaise Dé. Congaibh do chuid airgid i gcómhair an lae chruaidh: lé beith agat nuair bheadh gádhtar leis. Sid í an chulaith a bhíos agam i gcómhair an Domhnaigh: lé caitheamh go speisialta an lá san. Ná hithtear an biadh ar fad, coimeádtar cuid i gcómhair an té atá amuigh: i dtómas an té sin: do lé caitheamh. Beag a shaoileas go rabhthas fém chómhair nuair chuir mo namhaid cioth piléar im thímcheall: ar mo thí: ag feitheamh liom chun mo dhíobhála. Bhí a hathair ag cruachadh airgid di fá chómhair an lae go bpósfadh sí: fé choinne: lé bheith aige le tabhairt di an lá san. Aibigheann an bheatha luath ann, mar tá sé os chómhair na gréine: fé léighe na gréine: tá a aghaidh ar an ngréin. Ar chómhair Dhún Chaoin atá na Blascaodaidhe: díreach amach uaidh: chídhfeá ar t'aghaidh iad as. Nách é a chuid talmhan atá ag imtheacht bán os chómhair na dúthaighe: é lé feicsint ag aon duine a gheóbhadh an treó.

cómhaireamh: *f.1.* (agus *–rimhthe*) cúntas, ríomhadh, cúiteamh, an tsuim iomlán; líon; do innsint 'n-a gceann a's 'n-a gceann, do mheas. "Céad do chion, nách eadh? féach an bhfuil an cómhaireamh ceart agat?": féach an bhfuil an céad ann. Is diall agus is iongtach an cómhaireamh airgid do chruinnigh sé; fiche míle adeirir liom: an t-iomlán: an deascán: an tsuim. Mo laogh thu, ná bí ag trácht ar airgead a's mhaoin saoghalta, tá sé aige ag dul ó chómhaireamh: ní féidir é do mheas go beacht: do-áirighthe. Sa chluiche deireannach do bhí cómhaireamh maith ar an mbórd: suim mhór airgid: geall taithigeach. Bíonn cómhaireamh maith daoine sa Daingean gach lá aonaigh: sluagh iomadamhail. Tigh strosamhail seadh é mar a bhfuil an chlann ar fad ag tuilleamh a's cómhaireamh gach aonne aca ag dul chun suime an tighe: an méid nó cuid dá dtuillid dá thabhairt don dtigh aca. Nuair bheidh cómhaireamh gach báid (d'iasc) curtha i dteannta a chéile beidh cuid mhaith san gclais: cantam gach báid bailighthe i bhfochair a chéile. Ná bí ghom chómhaireamh-sa 'n bhur measc, mar ná beadh aon bhaint agam libh: ná cuir mise ar an mbuidhin: ná meas me mar dhuine ortha. Gan mise do chómhaireamh in ao'chor beidh cabhair bhur ndóthain agaibh: gan bac liom-sa ar líon bhur nirt. Ar an tríomhadh lá déag de mhí Iúil do chuaidh Eibhlín Nic Niocaill 'on Oileán (an Blascaod Mór) agus i gcómhaireamh an lae sin i Lughnasa do bádhadh í: ar an tríomhadh lá déag de Lughnasa. I gcómhaireamh an lae sin (an séamhadh lá Bhealtaine) dathad bliadhain roime sin seadh saoghaluigheadh é: ar an gceanntráth céadna. Éistidh, nó cuirfidh sibh mo chómhaireamh amugha orm: ní innsfead 'n-a cheart cad é an t-iomlán atá agam. Ag cómhaireamh na bpinginidhe tharat i gcómhnaidhe, a Sheáin: ghá gcur i bhfóireamh a chéile a's gan a scaipeadh. "Chaitheas céad púnt in Áth Cliath in aon choighcíos amháin" – "cómhaireamh seadh é ambaist": is áidhbhéis an caitheamh é. "Tá pingin agam", ars an leanbh. "Cómhaireamh seadh é (is mór an cómhaireamh é etc.)": á, nách agat atá an saidhbhreas! "Níl annso ach leathchéad" – "ní thagann san isteach leis an gcómhaireamh in ao'chor, deir an forchúntas so go bhfuil sé fichid ann": níl an toradh ceart: níl an t-

iomlán ann. Níl cómhaireamh mo mhéireann de ruibidhibh ar mullach a chinn anois: tá sé maol glan nách mór. Déinidh cómhaireamh ar an imirt sula n-iompuightear mádh: cuirtear isteach é: ainmightear go ceart cuid gach imireóra. Ní raibh sé gan chómhaireamh ban, má bhí sé pósta seacht n-uaire mar deir an páipéar: suim mhaith: flúirse ban. Rud nách féidir do chómhaireamh gainimh na trágha: an méid nó an tsuim gráinne gainimhe atá ann. Ní fada ná go mbeidh a chómhaireamh istigh, tá sé go hárd os chionn na gceithre bhfichid: a ré bheith caithte ar an saoghal so.

cómhairicidhe: *f.4.* trodaire, seadaire. Cómhairicidhe gadhair é sin ná leigeann aon mhadra tharais gan dul 'n-a chochall: madra gur b'í an troid is méine leis. Cómhairicidhe maith dligheadóra dob eadh é a bhéarfadh saor ón gcroich duine mara mbeadh an tómhas rómhór 'n-a choinnibh: dligheadóir inneamhail ar chúis dlighe do thagairt go heólgaiseach cliste mara mbeadh an iomad fínéachta daortha 'n-a choinnibh. Cómhairiceóir an chiall chéadna leis. Cómhairicidhe maith farraige dob eadh é: bhí sé i ndán slighe bheatha do bhaint as an bhfarraige. Níor bh'eól ar chómhairicidhe maith farraige an tAimréal Ó Muircheartaigh mar ná raibh aon tásdáil riamh air: aimréal chun catha luingis do chur.

cómhairicighim: *b.a.* ₇ *n-a.* troidim, bruigheanaim, coimheascaraim. Cómhairiceóchad faid a's sheasóchaidh aon philéar amháin dom agus annsan lém ghéagaibh go dtín ruibe déidheanach: troidfead: buailfead mo namhaid. Ní chómhairiceóchadh sé me, dá luighead é me, agus an toirt atá ann - meathtach seadh é: ní raghadh sé ag bruighean liom. Cómhairicigheann siad tímcheall an bhídh, cad budh leór liom ach dóthain a gcúigir aca ós a gcómhair: bíd ag gabháil stealladh dá chéile a's ag sciobadh an bhídh ó chéile. Tá sé curtha amach ar an Éireannach ná fuil aon tsaighdiúir is fearr a chómhairicigheas ná é: a throideas go maith. "Cómhairiceóchad an galar so", ars an dochtúir, "gan sos dá mbeadh a's ná faghainn néal chodlata sa tseachtmhain": cuirfead m'eólas agus mo neart 'n-a choinnibh chun a staontha. Speabhraoididhe a bhí ar dhaoinibh a cheapadh go gcómhairiceóchadh Sasana an domhan, ní mor an fonn cómhraic atá uirthe leis an Iodáil: go dtroidfeadh (agus go mbuaidhfeadh). Cómhraic an dlighe liom: beir os chómhair breithimh cúirte me. Ar an gceart féin do bheith aige, ó tá, duine rómhaol seadh é, ní cómhairiceóchadh sé i dtigh cúirte: ní thagróchadh a chás ós chómhair lucht ceannais na dlighe. "Chómhairiceóchadh sé a ingne": deirtear lé duine go mbíonn báine cómhraic air. Cómhairic an cárta san anois: buail é ma fhéadair.

cómhairidhe: *f.4.* duine gur béas aige mórán sochraididhe d'fhriotháilt, sochraid. Níorbh iongadh sochraid mhór annsan indiugh, cá ngeóbhadh a mhórcharaid a's a chómhaltaisidhe féin 'sa mhná. (fic **comharaidheach**)

cómhairighim: *b.a.* innsim, measaim 'n-a gceann a's 'n-a gceann. Cómhairigh amach do chuid airgid, ars an siopadóir, sara bhfaghair aon earra annso: cuir amach fiacha (luach) na hearra. Chómhaireóchadh sé pingin ar pingin lé haonne, an gealtán, nuair bhíonn braon fén bhfiacail aige: bíonn sé ag maoidheamh gurb fhéidir leis oiread airgid do theasbáint a's tá ag aonne a hainmeófí. Cómhairightear an imirt sara n-iompuightear mádh: innstear cuid gach cearrbhaigh den imirt. Cómhairigh an t-airgead san: inns 'n-a bhonn a's 'n-a bhonn nó 'n-a bhille a's 'n-a bhille é agus abair an tsuim iomlán.

Chómhairigh sé gach aonne go raibh fiacha aige air: d'ainmigh sé tharais é. Chuala ainmeacha na ndaoine dhá ghlaodhach go raibh an mhéir déirc lé fagháil aca, ach chómh fada agus is cuimhin liom níor cómhairigheadh tusa: níor háirigheadh tú, níor ainmigheadh tu ar an líon ainmeach a chuala. Pé uair do bhíonn aon nidh cóir ar siubhal ní cómhairightear an duine bocht in ao'chor: ní luaidhtear a ainm: ní meastar é ar líon na buidhne a gheibheas tairbhe. Cómhairigh muinntir na Gaedhealtachta anois a's ní deacair é: níl puinn díobh ann. Ní chómhaireóchainn an rud suarach san in ao'chor: ní fiú é do thabhairt fé ndeara ná bac leis. Is breágh an cómhaireamh airgid míle púnt d'fhear bhocht cnuasach.

cómhairiughadh: *f.* (*–irighthe*) Fuair sé an cómhairiughadh ceann: gach ceann riamh dá raibh ann. Ó, a dhalta, níor fhág sé faic 'n-a dhiaidh, thóg sé an cómhairiughadh ceann: an uile cheann.

cómhairle: *b.4.* (*iol.* –eacha, -lidheacha) aitheasc, tionól, breitheamhnas, réidhteach, treóir, stiúradh, cóimhthionnscal; connradh, cumann; cullacht breitheamhnais. Mara chéile dhuit do bheith ag tabhairt cómhairle do dhuine cheanndáine chun é do chur ar bhealach a leasa nó bheith ag cuimilt do mhéire de chloich ghlais: d'iarraidh do chur n-a luighe air cad budh cheart do dhéanamh agus gan a dhéanamh ar a shon féin. "Ní ghlacfadh sé cómhairle aonne, b'fhearr aige féin í 'ná ag aonne eile, bhí a rian air budh thinn do: machtnamh ciallmhar ní gheóbhadh leis. "An té ná glacann cómhairle gaibheadh sé cómhgar": an té ná héistfidh lé moladh céillidhe gaibheadh sé an aithghiorra, leanadh sé a thoil féin: an té ná héisteann lé bréithribh fuaimeantamhla déineadh sé mar samhluightear do féin. An chéad lá do suidheadh im bheart me fuaireas cómhairle cad budh cheart dom agus nár cheart dom do dhéanamh: aitheasc, foirceadal: teagasc. Tugadh cómhairle dhom gan aon bhaint do bheith agam leis an gcuallacht cheannuighthe úd mar go rabhadar i bhfiachaibh: moladh dom é. "Fágaimís an baile seo agus téidhimís i mbaile éigin eile go bhfuil breis oibre ann", ar seisean – "cómhairle mhaith", arsa mis: taracht mhaith: éachtaint, deimhniughadh. Cad é is deacra ná blas do chur ar chómhairle: ag moladh a leasa do dhuine ní taithneamhach leis é. Tugann liagh cómhairle dá othar; tugann túismightheóiridhe cómhairle dá gclainn; tugann dligheadóir cómhairle dá ghreis (coigéil): gheibheann toscaire foirceadal ó n-a riaghaltas. Cómhairle chiallmhar: aitheasc eagnaidhe (críonna): teagasc folláin. "Chuir an Riaghaltas leitir chómhairle chun ár dtoscaire i bPeáras: fuaireamair freagra eolais uaidh go raibh faisnéis aige ar cad bhí ar mhaoith againn. Bíonn tuigsint maidir lé heólas ag fear inntleachta agus bíonn i ndán cómhairle fhaistine (fholláin) do thabhairt uaidh. Cómhairle chiallmhar d'aonne seadh airgead do chur tharais i gcómhair an lae chruaidh. Cómhairle eagnaidhe ó mháthair dá hinghin fear fiúghantach do thoghadh lé n-a pósadh. Is é an t-uachtarán a shuidheas i gceannas na hÁrdchómhairle: díorma teaglaimh airidhe dúthaighe a riaras riagaltas dúthaighe nó stáit nó tíre – an aireacht. Suidheadh cómhairle againn ar cad budh cheart dúinn do dhéanamh i dtaobh uachtarlainn do lorg don bparóiste ar an riaghaltas: díorma daoine a chriathróchadh gach cúig a bhaineas lé n-a lithéid de thionnscal do chur chun críche. Cómhairle mhaith dhúinn seadh socrughadh ar uachtarlann do bheith againn más féidir é, toisc a thairbhighe don áit: tionnscal nó beart mhaith. Is í cómhairle cheapas gurbh fhearr dom fanacht ar an oileán diamhair úd fé ocras agus dul i leith Dé is cabhartha ná tabhairt fén bhfarraige bhfiadhain a ídeóchadh me gan aon amhras: thánag

ar an aigne sin. Mara mbeadh an chómhairle mhaith a chosain é chómh léigheannta cliste san gcoir ’n-ar cúisigheadh é crochfí é in ionad braighdeanas lé n-a shaoghal do chur air: abhcóid, eadarghuidhe: duine a thugas teagasc na dlighe uaidh. Glacann fear críonna cómhairle: aitheasc: éisteann sé lé stiúradh ar cad budh cheart do do dhéanamh. Déanfar bóthar tríd chuid talmhan gan é do chur id chómhairle: gan a fhiafraighe dhíot canad, connus, an dtaithnigheann nó ná taithnigheann leat. Táim ar chómhairle dul go B’l’Áth Cliath sa tsamhradh: táim ar an aigne sin: tá sé rúnuighthe agam. Do chuireadar a gcómhairle lé chéile gur cheapadar ar throid faid sheasóchadh aon urchar amháin dóibh: chuireadar trí chéile toradh nó deasca troda nó géillte. Duine ró-bhéalscaoilteach dob eadh é ná féadfadh a chómhairle do choimeád: ní fhéadfadh sé gan scéitheachtaint air féin: a rún do chongbháil. “Seasóchaidh cómhairle an tighearna go bráth, smaointe a chroidhe trí shaoghal na saoghal” (Salm XXXIII. 11): rún. Toirmeascthar tionnscanta in éagmais cómhairle acht in ionad na gcómhairleach daingnightear iad (Seanráidhte XV. 22): gan cómh-mhachtnamh. B’fhada liom go raibh aon scéala ag teacht ón árdoifigeach agus d’ionnsaidheas lém chuid fear ar mo chómhairle féin: asam féin: gan baramhal aonne eile ar cad budh cheart nó b’fhearr do dhéanamh: ar mo thionnscnadh féin: as mo stuaim féin. B’é cómhairle mo leasa is dócha gan dul ar snámh go díreach tréis bídh, deirtear nách maith é: an rud dob fhearr dom do dhéanamh. Ní fheadar ar thalamh an domhain cad is ceart dom do dhéanamh tá an cúrsa tagtha chómh grod san orm a’s gan eaga machtnaimh agam. Táim i gcás idir dhá chómhairle leath mo thuicéid scuaibe do dhíol ar dhá mhíle púnt nó dul i leith an chapaill do buadhachtaint agus deich míle fichead do bheith agam: táim i ndraip go bhfuil dís thoisc nó chúrsa i gcoimheascar lé chéile im aigne. “Tu do phósadh, an eadh? cuirfead i gcómhairle mo mháthar é”: cuirfead fé bhrághaid mo mháthar cad é a baramhal ar me ghod phósadh nó gan tú do phósadh. As chómhairle a chéile bheartuigheadar ar an gCraoibhín Aoibhinn do thoghadh mar uachtarán: do shocrughadh ós íseal tréis cur a’s cúitimh eatartha féin. Ní mór an aire atá ag Cómhairle Chonntae Chiarraighe ghá thabhairt do bhóithribh na Gaedhealtachta: an dream daione go bhfuil riar riaghaltais ceanntair an chonntae aca. “Seachaint lachan ar loch/ ag adhaint teine i mbéal cuain/ cómhairle do thabhairt do mhnaoibh bhuirb/ nó buille ruibe ar iarann fhuar”: bheith d’iarraidh mná buirbe do chur ar a leas. Tá an oiread deifiridheachta idir an gcómhairle do thugann cara agus thugann duine féin do féin agus tá idir cómhairle carad agus cómhairle phlámásaidhe. “Mo chómhairle dhuit, a mhic de shíol Airt etc.”: mo theagasc dhuit: mo rabhadh dhuit: réamhfhógra lé leanamhaint.

cómhairleach: *f.1.* eolaidhe, duine chun eólais leasa do thabhairt uaidh, nó rabhadh nó forfhógra; teagascóir. “An té a bhíos ’n-a chómhairleach mhaith ar dhuine eile bíonn sé ’n-a dhroch-chómhairleach air féin”: duine a thugas teagasc maith, ciallmhar uaidh do chách agus ná leanann pioc de é féin. Pé duine a mhol dhuit airgead do leigeant ar cáirde gan urraidheacht b’olc an cómhairleach ort é: duine chun eólais do leasa do thabhairt duit. Deirtí gur dís iongtach chómhairleach Pilib Ó Curráin a’s Dómhnall Ó Conaill: beirt dhligheadóiridhe. Dá me thu chuirfinn do chúrsa fé bhrághaid Shéamais Óig, cómhairleach maith seadh é: duine céillidhe gur féidir leis breitheamhantas forasta do thabhairt uaidh. Níor ghádh dhom a fhiafraighe dhíot cad thárla duit sa dlighe nuair chuala an cómhairleach do bhí agat: an té a thagair do chúis os chómhair an bhreithimh nó an ghiúistís.

cómhairleach: *a.* do thabhairt cómhairle, teagaisc, aithisc. Thugais cainnt chómhairleach uait do an lá dubhrais aire do thabhairt dá chúram féin a's gan bac le cúram aonne eile: cainnt go raibh ciall léi ach í do ghlacadh. A fhir chómhairligh, molaim do bhreitheamhnas, is deimhin ná téidheann rogha ón réidhteach: a fhir an mhachtnimh chiallmhair. Dá mbeidhtheá níos cómhairlighe ar do chlainn níor mhisde dhe é iad, níl rian puinn smachta ortha: dá mbeidhtheá breis 'n-a gcúram chun teagaisc chirt do thabhairt dóibh maidir leis an slighe iomcharuighid iad féin. Is beag duine atá chómh sochómhairleach liom ach gan bheith ródhian orm: gur fusa leis éisteacht lé ciall a's fuaimeant agus géilleadh. Ní ghéillfeadh sé gur shochómhairleach gnóth an choisde d'fhágaint fé aon fhear amháin: ionmholta. Má dhéineann an garsún fiadhain sin féin rudaidhe aite tá sé sochómhairleach ach teacht chuige i slighe oireamhnaigh: is furaiste a fhoillsiughadh dho go ndéineann sé nidhthe míchearta, agus bheadh sé féicheamhanta a iomchar do leasughadh. Mo thuairm láidir nách aon mhaith dhom a bhreithniughadh dho go bhfuil an mícheart aige, ná hatharróchadh sé, fear do-chómhairleach seadh é: duine dúr chun éisteacht lé fuaimeant. Má sí mo thuairm-se atá uait déarfainn gur chómhairlighe go mór dhuit fanacht sa bhaile i mbun do chúirim ná dul ar ráiseannaibh dhá uair sa tseachtmhain, ag tabhairt faillighe id ghnóth a's ag scaipeadh do choda airgid: gur b'é is mó go bhfuil deallramh na fuaimeanta is an stuidéir air.

cómhairleach: *f.1.* do thabhairt cómhairle, teagaisc, aithisc, rabhaidh. Ní mór an cómhairleach bruighne a theastuigheas ó fhear neamhfhaidtheadhlach: an cur suas: moladh troda dho. Choidhche ní dhéanfadh sé as féin é gan cómhairleach: gan spriogadh nó séideadh fé. Ní gádh dhuit mise do chómhairleach in ao'chor chun cártaidhe d'imirt: táim i ndán iad d'imirt gan teagasc uait. Fear macánta dob eadh é mura mbeadh cómhairleach a mhná: spriogadh a mhná chun achrainn. Bhíos ghá chómhairleach caolughadh ar an gcaitheamh a bhí aige dhá dhéanamh nó go gcaoinfeadh sé fós a aiteas, ach cluas ní bhfuaireas uaidh: bhíos ghá chur ar a shúilibh do staonadh den gcaitheamh. Ní lé ceal cómhairligh do tháinig an aindeise seo orm, is minic d'fhógair an dochtúir orm gan bheith dian ar mo chois mar go raibh ceasnaidhe uirthe: ní gan fógradh a's rabhadh ó dhuine eolgaiseach é. Chaitheadar an aimsir ar fad ag cómhairleach a chéile gan aonne aca do ghlacadh cómhairle an duine eile: gach duine aca ag moladh do chách cad budh cheart do dhéanamh. Fé n-a chómhairleach seadh tógadh an droichead: a stiúrughadh. Is fadó d'imthigh an leanbh san ó chómhairleach a mhuinntire: ó stiúradh, ó smacht a mhuinntire: ó gan aon tor do bheith ar cad déarfaidís leis nuair bheidís ghá chur ar a leas. Ar mo chómhairleach d'aontuigheadar iad do bheith leath caillte, leath buaidhte sa ghnóth thairngeadar ortha: ar mo mholadh dhóibh dréir mo thuigseana agus cúrsaidhe an ghnótha. Má dhéinir do leas féach chughat a's tharat a's ná bíodh aon droch-chómhairleach ort: ná héist lé moladh nách é do leas. Ag cómhairleach cogaidh, síothchána: ag moladh (cómhairliughadh). Lucht cómhairligh a chuir é féin is a bhean amuigh lé n-a chéile: daoine go raibh fonn toirmisc ortha eatartha.

cómhairleóir: *f.3.* (**cómhairlightheóir**) duine a mholas rud áirighthe (olc nó maith) do dhéanamh, duine amháin de líon daoine a thagas i gceann a chéile chun cúrsaidhe áirighthe do riar nó chun léirmheasa do thabhairt ortha. B'í a mháthair a chómhairleóir chun uilc do dhéanamh: an té a spriog é chuige. Chaith sé bliadhanta buana 'n-a chómhairleóir cathrach: ar dhuine den díorma a bhí ag riar a's ag treórughadh tobhaigh

a's caithimh airgid na ndaoine fé riaghaltas na cathrach. Cómhairleóir cathrach, ceanntair, conntae. Dá mhéid cómhairleóiridhe orm seadh is deacra dhom beartughadh ar cad is fearr dhom a dhéanamh. Ní lia cómhairleóir díobh ná tuairm: daoine a bhíos ag moladh a mbreitheamhnais dom.

cómháiteachas: *f.1.* cómharsanacht. Cómháiteachas dúinn sa bhaile – mise a's an duine cóir seo: as an mball céadna seadh sinn: cómharsain seadh sinn.

cómhall: *f.1.* cóimhlíonadh, géilleadh do dhualgas, do chúram, do riaghail, do dhlighe nó do dháileamh; connradh, cor; gníomh. Aonne a throideas ar son a dhúthaighe ní bhíonn aige ghá dhéanamh ach ag cómhall a dualgais: ag déanamh gnímh atá dhá bhreithniughadh riamh ag daoinibh 'n-a chóir a's 'n-a cheart. Marc le cómhall a gheallamhna seadh é: an rud do gheallann sé déineann sé. Sid é cómhall na tarngaireachta againn anois – "go dtósnófaí obair in iarthar Éireann ná críochnófí" – an bóthar so ar thaobh an chnuic: cóimhlíonadh nó teacht chun cinn na tarngaireachta: a meabhrughadh. Do rinne Dia cómhall ná scriosfadh Sé choidhche airís an domhan lé tuile: thug sé a gheallamhaint shollamhanta. Tairngtear cómhall eadrainn go soláthruighead-sa an t-adhbhar agus an sclábhaidheacht agus go ndéinir-se an tógáil: connradh, cor, margadh. Gan cómhall riaghlach na hoifige seadh do briseadh é ceann aca dob eadh bheith ag obair gach lá ar a naoi a chlog, ceann n-ár chómhaill sé riamh: coimeád, tabhairt fé ndeara: cóimhlíonadh.

cómhallaim: *b.a.* deinim, cuirim chun críche, gnóthuighim, réidhim. Níl aon chuing dár chuir sé riamh air féin nár chómhall sé: aon dualgas dleaghthamhail nó cóir d'fhuascail sé é. Mo thuairm go gcómhallfad dualgaisidhe mo chúirim: go ndéanfad gach nidh atá riachtanach orm. Ní gádh dhuit-se teacht in ao'chor ní beag duine againn a's gan costas beirte do bheith orainn, cómhallfad-sa do chúram: déanfad-sa gach cúram leat it ionad.

cómhalta: *f.4.* caomhna, comrádaidhe, duine de chumann. Cómhaltaidhe dob eadh sinn ar scoil agus 'n-a dhiaidh san dá fhaid do scaipeamair ó chéile scríobhaimís chun a chéile ag buanughadh ár gcoidrimh: duine a thaitheóchadh cuideachta dhuine eile go minic. Bhíodh cumann snámha againn go raibh dhá chéad cómhalta innte: dhá chéad ball nó duine. Cómhalta de Chómhairle na Conntae seadh é: duine (amháin) den gcómhairle; suidheann sé ar na cruinnighthibh agus tá i dteideal labhartha agus a ghutha do thabhairt. Chómhnuigh sé ar oileán aonarach gan de chómhalta aige ach éanlaithe an aoir: gan neach 'n-a chuideachtain.

cómhaltach: *a.* do chóimhlíonadh, cóimhlíonta, do choimeád geallamhan daingean, cor, dlighthe, riaghlach etc. Gan é do bheith cómhaltach féin orm ón ndlighe do dhíolfainn go fonnmhar as an obair riachtanaigh seo: mara mbeadh gur b'é mo dhualgas é. Maoidheann an Sasanach i gcómhnaidhe gur fear cómhaltach é gur b'é a fhocal a bhanna: gur fear é ná téidheann i gcois a gheallamhna. Dá mbeadh sé cómhaltach ní eiteóchainn ar aon rud a bheadh agam é, ach is ró-mhinic atá díombáidh curtha aige orm: dá ndéineadh sé amach dá a gheallamhaintidhibh nó dá dhualgaisidhibh.

cómhaltas: *f.1.* díorma nó gasra dhaoine do ceaptar chun aon gnótha do stiúradh nó do scrúdughadh. Ag riar na buidhne peile (caide) atá againn tá cómhaltas seachtair: seachtar a ghaibheas ortha féin gnóthaidhe agus cúirimidhe na buidhne do riar a's do stiúradh. Toghadh mar bhall de chómhaltas craoibhe na Gaedhilge me: cuireadh me ar dhuine den dream go bhfuil ortha gnóthaidhe na craoibhe do riar. Dá mbudh cómhaltas dílis dom thu ní leigfeá an lámh láidir orm gidh gur minic ráidhte agat é ná tréigfeá choidhche in annracht (ainriocht) me: dá mbudh duine dem chuallacht leanta nó dem bhuidhin thu: dá mbudh leacaidhe dhom thu: cúlaistín. Budh dheacair don nGearmáin buadhachtaint ar Shasana a's ar a cómhaltaisidhibh – an Fhrainnc, an t-Oileán Úr, an Iodáil, an Rúis etc.: na cómhachta a lean sa chabhair lé Sasana. Cuma ghoirgeach go maith do tháinig air chugham nuair chonnaic a chómhaltaisidhibh ag tacaidheacht leis: lucht leanamhna, cúlaistínidhe.

cómhaois: *b.2.* an t-aos (aois) céadna; duine go mbeadh an tsuim chéadna bliadhan aige. Rugadh an bheirt i gcómhaireamh an lae indiugh dathad bliadhain ó shoin, mar sin cómhaois dúinn: níl duine againn níos óige ná níos sine ná an duine eile.

cómhaontadh: *f.1.* cuing phósta, cóimhcheangal, uaim; réidhteach; cómhthoil; cóimhleacaidhthe, cómhghuallaidhthe. Dhein an dá bhád cómhaontadh iascaigh lé chéile i dtosach na biadhaiste: go roinnfidís toradh na biadhaiste leath ar leath lé chéile. Phós Seán Ó Conchubhair agus a dhribhshiúr Máire Ní Shéaghdha agus a dreatháir, mar sin tá cómhaontadh eatartha: cleamhnas dúbalta. Ná tuigeadh aonne atá ar an gcómhaltas so go bhfuil mo chómhaontadh lé duine deóranta do cheapadh mar rúnaire, táim go mór 'n-a choinnibh: go bhfuil mo thoil leis. Sin chugham an deachtán-san go gcuiread m'ainm leis mar chómhartha cómhaontaidh: mar chómhartha mo thola bheith leis. Dá mbeadh a sheacht n-oiread cómhaontadh agat chun mo dhíobhála ní scannróchadh bhur neart me: cómhaltach, cabharthóir.

cómhaontughadh: *f.* (*-tuighthe*) do thoilteanughadh le; teacht le; cómhaigne. Budh thaithneamhaighe ag an sluagh cómhaontughadh na dála ná é do chur fé ghuth: a gcómhmholadh go roinn. Ós follus go bhfuil gach aonne láithreach sásta leis an mbille seo, ní bheadsa cor, is cuma cad é mo bharamhal fé leith, ní bheidh sé lé rádh liom go locfainn mo chómhaontughadh: mo teacht le toil na coda eile. Comhaontughadh eadrainn féin a neartuigheas ár gcúis: beith d'aon bhduihin.

cómhaontuighim: *b. n-a.* tagaim le; cómhthoilteanuighim, réidhtighim le. Chómhaontóchadh muinntir an cheanntair leat ar an meas atá agat ar an bhfear-san, an moladh céadna atá ag óg a's aosta air: réidhteóchadh do bharamhal leo: thiocfaidís leat ar an méid adeirir. Dá gcómhaontuigheadh sé leis an mbóthar do scaoileadh trí n-a chuid talmhan dhéanfadh muinntir an bhaile ar fad an céadna: dá dtugadh sé a thoil lé toil na coda eile. Ní raibh aon mhoill ar Shéamas an choir do dhéanamh nuair chómhaontuigh an chuid eile aca í: nuair réidhigh a déanamh leó a's gur cheaduigheadar í. "Má chómhaontuigheann beirt agaibh ar an dtalamh" (Maitiú XVIII. 19). Saighdiúir iongtach dob eadh Eoghan Ruadh agus cómhaontuigheann an saoghal 'n-a admháil: táid ar aon fhocal.

cómhaosta: *a.* den (ar an) aois chéadna. Beirt cómhaosta seadh sinn, a saoghaluigheadh an bhliadhain chéadna sinn: an uimhir chéadna bliadhan atá againn. Daoine cómhaosta dob eadh Neapóilean agus Teón: san ré chéadna aimsire do mhaireadar.

cómhar: *f.1.* cómhoibriughadh; sclábhaidheacht meithile, cómhluidhe, cleamhnas, cómhmhalartughadh; coimhdeas, caomhnas. Treabhaimíd i gcómhar: treabhaim-se lá aige sin agus eisean lá 'n-a choinnibh agam-sa: cabhraimíd féin lé n-a chéile. Ní chreidfinn ón saoghal ná go bhfuil duine éigin i gcómhar, gan fhios, leis an bhfear-san, mara bhfuil cá bhfaigheadh sé an t-airgead go léir d'éisteóchadh tógaint na dtighthe sin?: i gcómhoibriughadh, saothrughadh i bhfochair a chéile chun na críche céadna. Fear cómhair seadh é a's ní fear tuarasdail: fear atá ag obair gan airgead chun oibre nó maitheas éigin eile do chúiteamh. Níor thug sé lá cómhair d'aonne riamh leis an scannradh (chun an tsaoghail) ar eagla brabúch do bhreith air agus mar sin ní bhfaigheann cabhair na gcómhursan in aimsir bhroideamhail: lá oibre i ndíol lae oibre. Threabhas an gort lém chapall féin agus capall cómhair: capall cómharsan i gcúiteamh oibre atá déanta no a dhéanfad do. Tagann obair níos saoráidighe ar mhuinntir an bhaile sin ná tagann ar a lán eile mar táid i ndlúthchómhar lé chéile: cabhraid eatartha féin lé chéile chun luathuighthe agus éadtromuighthe na hoibre, go mórmhór in aimsir ghrithileánaigh. Raighead ag cabhradh leat ambáireach, tá an cómhar amuigh agat orm, is minic, minic d'oibrighis dom: cómh an méid saothair atá déanta agat dom. Léd thoil tabhair dom iasacht do ghluaisteáin ar feadh lae díolfad an cómhar leat lá éigin: déanfad an oiread san maitheasa dhuit lá éigin. Ná bíodh aon mhilleán agat ar neach seachas a chéile i dtaobh na gadaidheachta-so, rinneadar i gcómhar í: i bhfochair a chéile, lé cabhair a's toil a chéile. Dearbhuighim duit ná rabhas in ao'chor i gcómhar na foirne a ionnsaidh do thigh: ná rabhas 'n-a gcoimhdeacht. Ní thagann rogha ón réidhteach, is taithneamhach an rud cómhair cáirdeasa do bheith taidte eatartha tréis tréimhse achrainn: ceangal.

cómharaidheach: (**cómhairidheach**) *f.1.* duine gur béas a's gnáth coitcheann aige sochraididhe d'fhriotháilt. Ar feadh mo bheatha ní rabhas in aon tsochraid ná go bhfeicfinn eisean ann, anchómhairidheach é. "Téanam 'on tsochraid ('ón chómhairidhe)" – "ní raighead" – "gur beag cómhairidheach a bhéas id chomhairidhe féin!": an sluagh duine a leanas i gcois nó i gcóir iomchair an corp go dtín roilig nó go láthair a adhlactha.

cómhárd: (**cómhnárd**) *a.* den aoirde chéadna, cothrom, ar slinn, ar tuinn, den luach chéadna; cosamhlacht; ar chóimhleabaid, cóimhrian; (ar) léigh; aon rian (le). Cómhárd Pádraig a's Seán, gach duine aca sé troighthe ar aoirde. Cuirtear an ceann ar an dtigh anois tá na fallaidhe cómhárd dréir an chothromáin: tá na fallaidhe ar chomhthrom gan ionga aoirde ag ceann aca ar an gceann eile agus iad ar slinn (gan árd ná lag 'n-a n-uachtar, ach ar an rian gcéadna san uile bhall de). Cómhárd caoire 'n-a gcáilidheacht féin agus beithidhigh ar an margadh: an luach céadna ortha 'n-a n-oirear féin. "Connus tá an imirt?" – "tá sí cómhnárd" – "tusa a fiche agus mise a fiche": ar an rian gcéadna. Cómhárd talamh aon lá lé hairgead – geall airgid seadh aon lá é: bíonn talamh chómh luachmhar le hairgead. Lá na stoirmeach chídhfeá tonnaidheacha cómhárda ag stealladh de dhruim na carraige móire sin: tonnaidheacha fíochmhara anárd ar fad, ar fad.

cómhardughadh: *f.* (*-uighthe*) (**comhardadhadh** *–dhaidh*) cómhughadh, cómhthromadh; iomlaoid; gníomh, maitheas, díobhála, etc.; comaoin nó fiacha a bhíos amuigh ag duine as mhaitheas do dhéanamh; cómhchúiteamh. Díolfar fós cómhardadhadh na haimsire breághtha neamhthráthamhla so: tiocfaidh drochaimsir fós agus cuid mhaith ar am gur thráthamhla aimsir mhaith. Pé maith do dhéanfá ar dhaoinibh áirighthe bíd chómh neimhghéilleamhail leithleachais sin ná cuimhneóchaidís choidhche ar an gcómhardadhadh d'íoc: an chomaoin a bheadh ortha agat as do dheaghghníomh dóibh. Thugas seachtmhain fhada, dhíreach, chómh dian agus chaitheas riamh, ag scríobhnóireacht do, mar sin tá an cómhardadhadh agam air: íocaidheacht nó cúiteamh ar chuma éigin as an nduadh go ndeaghas fé. "Cad chuige an t-airgead so? níl aon iasacht airgid agam-sa ort" – "níl, ach sid é an t-aon tslighe cúitimh atá agam, ag díol an chómhardadhaidh as do laetheantaibh oibre dhom seadh táim": an chomaoin fé n-a bhfuilim agat: cómh an ghnímh atá déanta agat dom. An té a gheibheas bás íocann sé an uile chómhardadhadh: bíonn deireadh lé mearbhall íoca aige. Cómhardadhadh na nádúra an bás: is leis an nádúir sinn i ndeireadh dála. "Fuair sé bás airéir tréis gach iomaird dá rug riamh air" – "seadh, tá an cómhardadhadh díolta sa deireadh aige": tá sé réidh anois leis an mbeatha so a's níl éileamh ná buannacht ag neach saoghalta air a's tá críoch ar a ghearántaibh.

cómharduightheóir: *f.3.* duine go mbíonn duine eile fé chomaoin íocaidheachta nó cúitimh aige i dtreis fiach nó comaoine, oibre nó maitheasa éigin. Tá cómharduightheóiridhe air chómh tiugh lé corra-mhíolaibh; i dteannta é do bhriseadh céasfaid an t-anam as: daoine go bhfuil fiacha aca air. Níor theipis riamh ar aonne gan maitheas do dhéanamh do, cómharduightheóir ar mhórán daoine seadh thu: duine go bhfuil a thuilleadh fé chomaoin aige ar an gcuma-so as an gcuma úd.

cómharsa: *b.5.* duine a bhíos 'n-a chómhnaidhe i ngiorracht do dhuine eile nó dá áit chómhnaidhthe; cách; cómhdhaonnaidhe; duine go mbíonn meón daonna aige; duine i bhfoigse do dhuine eile (mar fear ar do chlé nó ar do dheis ag imirt chártaidhe); cara, aitheantas. "Anois cé den triúr so, bhreathnuigheas tusa, do bheith 'n-a chómharsain ag an té úd a thárla ameasc na mbitheamhnach?" (Lúcás X. 36): 'n-a charaid. Ní leómhann an Soiscéal aon fhriotal mar dheórantaidhe, déineann sé mo chómharsa de chách: mo dhuine muinnteardha. Deirtear lé duine nó ainmhidhe go mbíonn tonn dá aos tagtha, "tá sé chómh haosta lé capall na gcómharsan". "Th'anam 'on diall an bhfuil an naoidheanán cailín sin ag machtnamh ar an seanchrústa san atá chómh haosta lé capall na gcómharsan do phósadh?": thar aois chirt a phósta. "Cé hé do chómarsa?" – "aonne in ao'chor": "mo choimhchréatúir": cách. An bhfuil aithne agam uirthe sin? is agam atá; nách cómharsa béil dorais dom í?: duine a chómhnuigheas ar an mbaile agam. "Cé hé ár gcómharsa?" – "an chinidh dhaonna uile, ár namhaid chómh maith lé n-ár gcáirdibh, agus iad san mar an gcéadna nách dár gcreideamh". An duine dob aite liom dár bhuail riamh im shiubhaltaibh liom a bhí ar an dtraen mar chómharsain agam ó Dhaingean go Tráighlí: duine suidhte in aice liom. "Ná héirigh ar do chómharsain", deir an cearrbhach leis an bhfear a bhíos chun imeartha 'n-a dhiaidh a's an cárta is fearr ar bórd caithte aige féin. Cómharsain seadh an Fhrainnc agus an Ghearmáin cé ná fuil muinntir an dá thír róchómharsanamhail lé chéile: tíortha athchomair dá chéile: buailte lé chéile: i dteórainn a chéile: sínte suas le chéile. Ná sanntuigh bean do chómharsan: bean nách í do bhean féin. Is olc an chómharsa fear maith

dlighe: b'fhearr a lithéid do sheachaint ná baint do bheith agat leis. "Nuair bhíonn tigh do chómharsain tré theine tabhair aire dod thigh féin": ná tuig ná go dtuitfeadh an aindeise chéadna ort féin a's thuitfeadh ar neach eile: nílir saor ó bhaoghal ach oiread leis an bhfear thall: má chídhir duine ag imtheacht ar a aimhleas sin an tráth ceart aire mhaith do thabhairt duit féin d'iarraidh dul ar do leas. I dtighthibh na gcómharsan seadh chaitheann sí a saoghal: lúdrálaidhe nó aithris mhná seadh í: fuairthéidh mná. "Bíonn blas milis ar phairseach na gcómharsan": is milis stiall de leathar dhuine eile: sanntuighimid an rud is lugha luach ag ár gcómharsain a bheith ná gan a bheith againn féin. Tabhair cluas dod chómharsain: éist le tuairm an té ná beadh leat. "Thug sé céad púnt ar iasacht dom chun mé d'fhuascailt as mo dhraip" – "cómharsa do dhéanfadh é": fear: duine a bheadh báidheamhail, meastamhail ort. Fear mín, macánta nár chuir aonne riamh cuid a chómharsan 'n-a leith: aon nidh a bhain lé neach eile níor bh'fhéidir é chúisiughadh lé n-a bheith aige. Ná sanntuigh bean (do chómharsan) ná nidh ar bith léd chómharsain: nách leat ded chuid féín, féin. Níl i mbéal na gcómharsan ach an síorachrann a bhíos idir é féin a's a bhean: mar chainnt ag na daoinibh a chómhnuigheas in athchomair dóibh. Bíodh sé mar annla ges na cómharsanaibh anois lé n-a gcuid bídh: mar adhbhar cainnte ag na daoinibh thart tímcheall na háite. "Chaithfeadh sé a chuid ar an tuinncéar iasachta a bhuailfeadh leis ach duine as a cheanntar féin ní fhéachfadh an scraiste siar air" – "na cómharsain go deo, mhuis": an dream is eol do agus is fogus do sa bhaile budh chórthaighe dho cómhluadar do dhéanamh leó lasmuigh. Níor dhein sé riamh rud chómh glic leis gan chómharsa éigin 'n-a fhochair: comhaltach: cóimhleacaidhe bearta. Ní bheadh aon éad cómharsan choidhche air: duine gur chuma leis (gur bhreágh leis) feabhas a's gustal na ndaoine. A innsint duit, ní fhéadfainn, ní cómharsa dá aigne me: ní eolaidhe ar a rún me. Ná bac san, má táim caillte féin lé n-a aitheantas, geallaim duit ná raibh ann ach comharsa lae: cara nó comrádaidhe na huaire sin.

cómharsanacht: *b.3.* áit fogais, an ceanntar i ngar; cómhgaracht; aice; gaobhar; ceanntar beag; iad so a chómhnuigheas in aice a chéile; na daoine mórdtímcheall lé chéile; deaghmheón; caradamhlacht. Ní fhásann crainn ar mo bhaile nó sa chómharsanacht, tá sé rógheairrid don bhfarraige: ná in aon áit in aice lém bhaile. Cómharsanacht thaithneamhach seadh an Dún (Dún Chaoin), an áit féin, Cruach Mhárthan, Sliabh an Fhiolair, Ceann Sraithe, Tóin na Cille, an Dún Mór, Ceann Sléibhe a's na Blascaodaidhe ar áilneacht an domhain: ceanntar: ball. Tighthe cómharsanachta seadh ár dtigh-ne agus an tigh adeir, chídhfeá ó chéile iad: tighthe in aice nó i bhfoigse a chéile. Cómharsanacht áluinn, thorthamhail i bhfoigse an bhaile mhóir: líomatáiste in aice an bhaile mhóir: áirighthe ceanntair. Ná tair im chómharsanacht má tá cion ar t'anam agat: ná tair im ghaobhar: i ngiorracht dom. Dá mbeinn id chómharsanacht nuair buaileadh thu d'éireóchainn thiar asat: dá mbeinn ar an láthair nó in aice leis chabharfainn leat. Droichmhianach ceart nár cheart d'aonne bheith 'n-a chómharsanacht nuair bheadh braon ólta aige mar imthigheann a chiall soir siar air: 'n-a chuidheachtain: i bhfogus do. Mara bhfuil sé in aois an táille tá sé 'n-a chómharsanacht: níl sé i bhfad uaidh. I gcómharsanacht na talmhan is fearr do gheibhtear gleamaigh: in aice na talmhan. Fan im chómharsanacht mar ní hiontaoibh ná go dtiocfadh taom orm, a's dá mbeinn im aonar b'fhéidir gur thubaisteach dom gan friothálamh: im thímcheall: lém chois. An áit gur chuir sé fé níl cómharsanacht tighe ná duine aige: níl tlachas ná daoine thart tímcheall air. B'fhearr liom t'éagmais ná do chómharsanacht: tú do bheith i bhfad uaim ná bheith in

aice liom. Cómharsanacht na mban do bhain a mheabhair de mar bhí éileamh riamh aige ortha: iad do bheith in aice leis nó i ngiorracht cuairde ortha. Admhuighim ná taithnigheann bhur gcómharsanacht liom, táthaoi rógheairrid dá chéile a's ní hiontaoibh sibh ná go mbeadh ceilg ar siubhal agaibh, a bheirt chrochairidhe: an athchomaireacht suidhte nó cómhnaidhthe atá agaibh. Caitheann na mná an lá ag cómhchainnt i mbéal dóirse lé cómharsanacht na dtighthe: a ghiorracht atáid dá chéile. Is ródheacair mo chuid scríobhnóireachta do léigheamh trí chómharsanacht na bhfocal: a n-athchomaireacht: iad do bheith ródhlúth ar a chéile.

cómharsanamhail: *a.* caradamhail; cosamhail lé nó mar budh chuibhe do chómharsain; lághach; cneasta; síthbhialta; cúramach; cineálta. Budh chómharsanamhail an gnóth uaidh bheith ag failpéireacht ort i dtaobh a cothuighthe (searbhas, míostá): beart charadamhail: mar dhéanfadh duine a bheadh mór, ceannsa leat. Dá labharadh sé ní budh chómharsanamhla ní bheinn chómh grod leis, cad é mar chainnt d'aonne me do chur sa diall: níos lághaiche: ní budh neamhbhuirbe. Déinim aon mhaith dho is féidir liom, ach briathar buidheachais ná oiread a's luach feóirlinge 'n-a choinnibh ní bhfaghfá uaidh, sé an duine is neamhchómharsanamhla dár casadh ort é: neamhmaitheach: beagchuimhnteach ar chomaoin. Óir ná raibh eólas na háite agam toisc go rabhas deóranta san áit chuireas tuairisc ar fhear a bhuail liom agus chuir ar mo shúilibh go cómharsanamhail me: go lághach, béasamhail, cneasta. "Anois," ar seisean liom, "glac cómhairle an té a bheadh ar mhaithe leat, taisc do chuid airgid, agus ná bí ghá scaipeadh go fuairthéidheach, mar is é do phóca do chara", nár chómharsanamhail an chainnt í?: nár chiallmhar, chineálta, dheaghchómhairleach an carbhall é. Beag cúis ghearáin agam san óspuidéal i dtaobh amuigh dem cheasnaidhe, tá na dochtúiridhe agus na banaltraidhe go cómharsanamhail, ag déanamh a ndíchill dom: táid go hanchúramach orm. D'iarras air dul go dtí Stad na Traenach agus fearas iascaigh liom a bhí ann do bhreith chugham, dá chiotaighe dho é, agus do dhein go cómharsanamhail: féicheamhanta: fonnmhar ar chomaoin do dhéanamh do dhuine: muinnteardha, umhal.

cómharsanta: *a.* neamhdiallta; athchomair; cómhgarach; 'n-a luighe in aice lé. Dhá thír chómharsanta seadh an Fhrainnc a's an Ghearmáin, níl eatartha ach an teóra: sínte taobh ar thaobh. Mar a bhfuil maireachtaint orainn táimid cómharsanta, i ngiorracht míle nó mar sin: geairrid dá chéile. "Cad é do ghaol leis an mnaoi seo?" – "cómharsanta clann na beirte dreathár 'sa dribhshéar": anchómhgarach. Cómharsanta dhúinn ach ní cómharsanamhail: cómhnuighimíd cómhgarach dá chéile ach nílimíd mór ná buidheach dá chéile.

cómharsantacht: *b.3.* bheith ar aiste caradamhlachta le, cineáltas, ceannsacht, daonnacht. Léan air mar fhear, is é an rud sprionnlaithe é a deighilfeadh gach aon bheart leat go dtí an gcianóig! is é ná fuil an chómharsantacht 'n-a chroidhe calctha: an daonnacht: maitheasacht. Pé locht atá air nó ná fuil air, tá cómharsantacht ann, beannachadh a's focal maith aige do gach aonne, do shíor ag cur tuairisc shláinte a's mhaitheasa na ndaoine: an muinnteardhas a chuirfeadh aoibhneas ort d'fheicsint.

cómhartha: *f.4.* (*-thaidhe*) deimhniughadh, dearbhadh, cinnteacht; aon rud a chuireas 'n-a luighe ar an inchinn nó a fhoillsigheas an fhírinne go soiléir di; argóint ná fágann aon

tslighe chun amhrais ’n-a diaidh; aon rud mar clár a’s scríobhnóireacht curtha nó crochta ós cionn dorais, nó fíoghar ghreanta nó pioctha ag deimhniughadh céirde nó cúirim an chuanaidhe, nó a fhógras an nidh a díoltar nó a déantar ann, nó i bhfuirm cruibh láimhe ag deimhniughadh bealaigh nó slighe, nó ag tabhairt eolais éigin riachtanaigh; rud éigin a tugtar mar fhóghnamh cuimhnte; baill ar chorp an duine a dheimhnigheas galaracht; tréigh, airdhean, gné: samhail; marc, marcáil, ball; foirb, méiscre, rian. Sin é an scéal ’sa chómhartha lé n-a choir agat: sin é mar thárla nó mar atá agus a dheimhniughadh nó a thoradh go soiléir agat. Níl aon bhaoghal ná go bhfuil cómharthaidhe an bháis ag teacht air, cuisle lag, gan focal cainnte, súile súighte: cumaidhe: airdheanna a theasbáineas go soiléir an bás. “Brathaim ar fheabhas indiugh” – “tá a chómharthaidhe san ort – súil aibidh, dath maith as beódhamlacht”: a chuma san: a dheallramh san. “An cómharthaidhe báistighe na scamaill smúiteacha san?” – “a mhalairt, cómharthaidhe triomaigh”: rudaidhe a shamhluigheas don inchinn go mbeidh nó ná beidh a lithéid seo d’aimsir lé teacht: sighine. Agus ar bhfreagra do-san dubhairt sé leó, an tráth thig deireadh an laoi beidh sé ’n-a shoininn, óir tá an t-aer dearg, agus ar maidin beidh drochaimsir ann indiugh óir tá an t-aer ag deargadh agus ag dorchadh. A lucht an fhuarchrábhaigh is eól díbh gnúis an aoir do bhreithniughadh, acht an é nách féidir libh cómharthaidhe na n-aimsearach do thuigsint?: rudaidhe a fhoillsigheas nó a dheimhnigheas rudaidhe eile: sighine. “Chuala go rabhais ag iascach bhreac ar loch Cill Uraidh indé, an raibh a lán agat?” – “oiread a’s a chómharthaidhe”: ceann in ao’chor: sé sin oiread agus a fhoillseóchadh go rugas ar iasc ar bith. “Cloistear dom go raibh Seán ar meisce” – “chonnac é agus ní fhéadfainn a dhearbhughadh go raibh a chómhartha san air”: go raibh rian na dighe air: gur fhoillsigh ar an tslighe go raibh tionchar dighe mearbhaill air, mar bheith ag grogadh, ag cainnt bladhmanach, ag troid, ag tuiteam ná aon gnáthrud eile ag tárlachtaint do mar bhíonn d’fhear meisce. An diall cómhartha is fearr ar mhnaoi tighe ná bheith fial: gné áirighthe nách féidir gan a thabhairt fé ndeara. Téidhim ar mo ghlúinibh, déinim cómhartha na croise orm féin in ainm an Athar, an Mhic agus an Spirid Naoimh agus guidhim: sighin na croise: déinim lém láimh óm cheann ’óm dhá ghualainn agus ’óm ucht: déanamh, líomadh na croise. Beidh ionbhaidh mhaith ann tráthnóna chun iascaigh agus tá cómharthaidhe (cómharaithe) éisc ann, gainéid ag lachadh, faoilinn ag foluamhain ’n-a scaothaibh ar an mbannc: gach tráth bhíd so ann is deimhniughadh é go bhfuil iasc ar an mbannc áirighthe sin. Tá a chómharthaidhe ort go rabhais ag gol, tá rian deór léd shúilibh: nuair bhíonn an rian san ann is deimhin go mbíonn duine ag gol. Gan amhras deineadh foghail ar mo sparán airéir a’s me im shuan, agus a chómharthaidhe air indiugh, tá trí scillinge ar iarraidh as: foillsigheann easbhaidh na dtrí scillinge gur deineadh an fhoghail. Toisc ná féadfadh an fear bocht scríobh, chuir sé a chómhartha i bhfoirm croise, leis na coingheallaibh, agus dheimhnigheas féin sin lém ainm mar fhíné dhom air: foillsiughadh: léiriughadh. Slán im chómhartha, ar theacht ar an saoghal do bhí a dhá chois iompuighthe siar agus cor amach ’n-a dhá chrobh: gurb é an cúntas ceart gan cur leis (ag trácht ar mhéala nó shlaonasadh). “An dtugair fear ar an raispín sin ná féadfadh é féin do chothughadh? níl ann ach cómharthaidhe sóirt!”: leathscéal fir seadh é. “Ar dhein sé aon obair mhaith lé déidheanaighe?” – “cómharthaidhe sóirt”: lagaithris ar obair. Tháing cómharthaidhe sóirt éadaigh tríd an bpost chugam, ar mórán dath agus iad comharthuighthe ar cheithre scillinge an tslat: somplaidhe éadaigh. Budh dheacair dom labhairt leis mar bhí sé rófhada uaim ameasc na ndaoine, agus b’fhuar dom bheith ag déanamh cómharthaidhe sóirt do gur theastuigh uaim labhairt leis: bagairt nó sméideadh

lém cheann, lámhaibh nó súilibh. “Ar goirtigheadh tu go mór an uair úd do thuitis den gcapall?” – “níor cuireadh orm ach cómharthaidhe sóirt”: rian beag nár bh’fhiú biorán a’s é. Budh bheag uirthe é do phósadh, toisc go raibh cómharthaidhe sóirt siar ó n-a bhéal: rian cneádha nó aithis éigin. “Cad é an ball donn é sin ar do chúl?” – “sin cómhartha cille”: rian a saoghaluigheadh liom. Oidhcheanta dorcha déintí teine chómhartha ar bharr na faille chun na mbád do threórughadh go sábhálta isteach ’on chuas: teine rabhacháin: teine dhírighthe, threoruighthe. Fuair sé billeóg pháipéir sighinighthe ag ár gceannphort mar chómhartha cead teachta agus imtheachta ar fuaid na dúthaighe saor ó chruisteach ó Arm na Poblachta: foillseachán. Mara stadair agus gan bheith dhom spriogadh fágfad cómhartha ort: buailfead tú agus beidh a rian ort. Má bhí sé ag bruighean níl a chómhartha air: rian deimhniughadh cuirp go raibh. Is fada cómhartha ag an saoghal air, an cladhaire: tá sé tugtha fé ndeara go maith ges gach aonne. Cad é an cómhartha (aiteantais) atá agat ar do chuid féin den gcoimín seachas aonne eile?: cad is féidir leat a fhoillsiughadh a chruthóchadh gur leat cuid áirighthe dhe seachas an chuid eile? “Cad é an saghas sparáin do chaillis?” – “sparán fada, caol, dubh agus béalshreang fé, go raibh trí púint airgid ann” – “tá do chómharthaidhe cruinn; sin é do fuaireas-sa amugha indé”: na rudaidhe a fhoillseóchadh nó a chruthóchadh gur b’é do sparán é, tá siad ainmighthe agat. Tabhair cómharthaidhe an fhir dom: cuir síos dom air go mbeidh a fhios againn cad iad na hairdheanna áirighthe a bhí ag baint leis. “Buachaill camashrónach, téagartha, bolgshúileach agus tutbhalbhacht ann an té do mheádhaim-se” – “oireann do chómharthaidhe don té do chonnac-so”. Is iongtach an obair atá déanta ag an mbaintreabhaigh bhoicht a’s an clár breac do choimeád os chionn an dorais: an cómhartha go raibh ceadmhnas díolta dighe aice. Tógaimís cómhartha(idhe) talmhan ar an áit go bhfuil an t-inneall curtha againn d’fhonn a’s ná raghaidh sé amugha orainn: tugaimís fé ndeara baill áirighthe den mhíntír d’fhéachaint na treó go luighid ar a chéile. “Cad é an cómhartha atá ar do chaoiribh?” – “barra na cluaise deise agus béim ón gcluais chlé”: rian dealuighthe nó aitheantais. Amhail daoine ar muir a ghaibheas thar charraig nó fochair a chuireas cómhartha éigin ann (mar éadtromán) chun cuimhnte ar a gconntabhairt agus í do sheachaint – samhladha éigin go n-aithneóchaidís cá raibh an chonntabhairt. Is é an cómhartha atá ar bhonn na leathchorónach againn stail chapaill agus ar an scilling tarbh: an marc dealuighthe: an fhoirb a dheascas iad ós na bonnaibh eile airgid. Is gleóidhte an cómhartha leabhair atá sa phortús aige, ruibínidhe dearga a’s gorma: rud deifreach leis an leabhar féin chun an léightheóra do threórughadh ar chár mhian leis an leabhar d’oscailt. D’fhág an claoidheamh cómhartha ar a chorrán, an chailc cómhartha ar an gclár dubh, an dubhach cómhartha ar an bpáipéar: foirb: rian. Fágfaidh an teas ’san triomach so cómhartha ar bharraidhibh, feódhfaid: rian, díobháil. Chuireamair buidéal mar chómhartha caithte air ar mhullach an chlaidhe féach ceagainn dob fhearr a’s budh chruinne urchar: aon rud go n-aimseófí air lé harm nó crústa. “Dubhairt an fear liom a rádh leat arán a’s feóil do scaoileadh liom chuige” – “cá bhfuil an cómhartha?” – “sid é é, an leitir ’n-a bhfuil na nidhthe seo ainmighthe”: an cruthughadh soifheicse. “Agus thug sé ar an uile dhuine idir bheag agus mhór, idir shaidhbhir agus dhaidhbhir, idir shaor agus dhaor cómhartha do ghabháil chúcha ’n-a láimh dheis nó i gcláraibh a n-éadan” (Teasbánadh XIII. 16): samhladha nó rian nó marc dealuighthe éigin d’fhoillseóchadh ó n-a chéile iad. An triadhath, uaithne, bán, órbhuidhe, cómhartha ár ndúthaighe-ne: samhaltán; na réalta a’s na síogaidhe cómhartha dúthaighe an Oileáin Úir. Is é nách fada an mhoill air cómhartha do chur ar bhéile bídh: a rian: ní

fada air béile bídh d'itheadh (goile maith). Ag tabhairt a chómhartha dhom seadh bhí sé gurbh fhearr(a) dho dhuine gan an iomad scannraidh chun an tsaoghail do bheith air, breith foidhneach air agus aire do thabhairt dá shláinte: ghá chur 'n-a luighe orm: ghá dheimhniughadh dhom le argóint.

cómharthach: *a.* go gcómhartha, fé chómhartha, céimeamhail, aitheantach, riantach. Is cómharthaighe go mór mise ná é tréis na cinneamhna, fáisceáin a's stráicidhe ar mo cheann a's mo ghéagaibh lé gortughadh, a's níl air sin ach srón bhriste: is mó rian atá orm-sa. Fear níos cómharthaighe ná "An Chraoibhín Aoibhinn" ó deineadh Uachtarán Éireann de, níl san dúthaigh: fear is mó lé rádh: is tábhachtaighe: ionthabhartha fé ndeara: céimeamhail. Rian na bolgaighe ann fágann san cómharthach a dhóthain é: furaiste le tabhairt fé ndeara ó dhaoinibh eile. Ó n-a bhéal go dtí n-a chluais tá sé cómharthach mar buailfí lé harm éigin é: rian ann n-ar fhágfadh teangbháil airm. Thug sé peann cómharthach dom mar bhronntanas, bhí suaitheantas mo chinidh air: bhí san mar shighin nó mar rian dealuighthe air.

cómharthaidheacht: (**cómharthacht**) *b.3.* sighin, slánaidheacht. I gcómharthaidheacht buidheachais as an aiste do cheartughadh do thug bosca mór toitínidhe dhom: mar theasbánadh measa. Thabharfainn an Leabhar Breac i gcómharthaidheacht go ndíolfainn as an ngluaisteán fé bhliadhain ach bogadh ná sádhadh ní bhfaghainn as: mar dhearbhughadh. Ar thugais fé ndeara aon chómharthaidheacht gluaiste ar an namhaid?: aon chorruighe dhá dhéanamh aca a bhéarfadh chun t'aigne go raibh fonn a's áitighthe ortha. Drochchómharthaidheacht go mbeidh breóidhteacht fharraige air leitreacha do bheith ag teacht 'n-a aghaidh: is tuar ceart é an tslí a bheith ag iontráil 'n-a ghnúis.

cómharthamhail: *a.* iontugtha fé ndeara, neamhchoitcheann, neamhghnáth, áitrighthe, éagsamhail, furaiste ceann do thógaint de. Ins an mbliadhain chéadna chonnacthas réilthín cómharthamhail sa spéir nár láithrigh lé céad go leith bliadhain roimhe sin a's ná láithreóchadh go ceann céad go leith bliadhain eile: réilthín neamhghnáth: gurb annamh do gheibhtear amharc air a's as a ucht san é do bheith ionthuatha nó suaithinseach. Fear cómharthamhail ameasc fear dob eadh é lé n-a aoirde, a cheann 'sa ghuailne aige ar a mbíodh n-a thímcheall: b'fhuraiste é do thabhairt fé ndeara ar an aiste sin. Bíonn gan amhras fear cómharthamhail ameasc ban: is soiléir le feicsint é ann toisc aonardhachta a inscne. Dar mo bhaiste d'fhág brán an tsaoghail cómharthamhail go maith é i ndeireadh a bheatha, dá ghustalaighe is dá cheannasaighe bhí sé seal, tá sé chómh dealbh lé croidhe mo dheárnan anois: dá áitrighthe: dár bh'fhuraiste é do thabhairt fé ndeara ón gcoitchiantacht etc. Na tarbhaidhe deóranta so do gheibhtear ón riaghaltas bíd an-chómharthamhail seachas tarbhaidhe an cheanntair, is truime iad agus is mó de chuma na folaidheachta ortha: ar an mball dheighilfeá ón gcuid eile iad dréir na n-airdean so. Níl sé an-chómharthamhail go bhfuil fonn baile móir ort, ní fheicim beárrtha thú ná gléasta: cuma dulta ann ort.

cómharthughadh: *f.* (*-uighthe*) do dhéanamh cómhartha, d'fhoirbhiughadh, do chlódhadh; do ghonadh, do shleachtadh; do bhreachadh, do thógaint cinn (ceann = tuath) de. Ghá chómharthughadh riamh atáim nuair gheibhtear aimsir bhreágh róluath sa bhliadhain go ndíoltar a cómhardughadh sa bhfóghmhar: ghá thabhairt fé ndeara.

Ambáireach, bead ag cómharthughadh na láthrach mar a bhfuil fúm mo thigh nuadh do thógaint: dhá léiriughadh: ag marcáil na talmhan: ag cur rian ann. “Teasbáineann a ghníomhartha ’sa ghnóthaidhe go bhfuil strus a’s cur leis ag an bhfear úd, féach an éadáil, na tighthe a’s na cúirimidhe go léir” – “admhuighim go bhfuil gach aonne ghá chómharthughadh san”: ghá thabhairt sin fé ndeara agus ag déanamh chainnte dhe. Baileóchad mo chuid féin leabhar as an gcarnán so, agus déanfad iad do chómharthughadh, cuirfead m’ainm ortha i slighe a’s ná beidh aon iomrall aithne ortha: toisc m’ainme do bheith ortha ní bheidh aon amhras cé leis, agus is é an cómharthughadh gníomh a scríobhtha ortha. Sara fada ’sé tuairm a lán go mbeidhfear ag cómharthughadh ár gcuid airgid féin annso in Éirinn: ag cur na foirbe ortha, mar an girrfhiadh ar an bhfeóirling etc. Dhearbhuigh leis go raibh sé dhá chómharthughadh féin go maith lé cleithire rásúrach ar a aghaidh ’sa mhuineál nuair thána i nganfhios air: gortughadh éigne: ag cur riain gearrtha air féin. Chaith iondúiridhe an riaghaltais tamall maith ag cómharthughadh an cheanntair seo: achar a uachtair, a scéimhe, a dhreacha do mheas a’s do thómhas. Thug long chogaidh le Sasana lá ar fad ar lorg na Duibhearach (an Duibhir .i. fochais) chun a cómharthuighthe: chun éadtromáin, sighine, mairc do chur san áit nó a hionaid cruinneólais do chinneadh nó d’fhagháil amach. Chongaibheadar an creideamh ó aimsir na n-aspol ach is iomdha aiteas atá mar chómharthughadh air: toibhéim: tuisle. Níor mhaith liom leitir do scríobh ar an bpáipéar so, tá cómharthughadh neamhghlan air, féach an rian salach méar san air: baill. Go raibh maith agat, ní gádh bheith ag cómharthughadh an tighe a thuilleadh dhom tá eólas na slighe anois agam: ag deimhniughadh eólais na slighe dhom: ghá theasbáint dhom, nó dá innsint dom cad é an bealach do thabharfainn orm féin chun a shroichste. Capall go raibh cómharthughadh bán ar a éadan: ball bán: gead. Níl cómharthughadh ar aon earra leat dá fháid bhíodar fén sín: smál: ball salach nó lota.

cómharthuighim: *b.a.* marcálaim, deimhnighim, beirim eólas, míonmhínighim, foirloighim (stampálaim); rianuighim, méiscrighim, sléachtaim; tugaim fé ndeara, cuirim tuath ann, goinim, goirtighim; breacaim; meádhaim. Ar chómharthuighis an suathadh a bhí cois cloiche (ar an muir)? ní fheadar an cómhartha maith é go bhfuilimíd ar barrghal aimsire breághtha?: ar thugais fé ndeara é? Nuair bhuailfidh an focal “suiméar” leat cómharthuigh gur b’é ciall atá leis “scabhárd”, “tathag”: tabhair fé ndeara: cuir síos nod ’n-a thaobh ghá rádh san. Cómharthuigh do go bhfuil fonn ar an Riaghaltas an seanchor do chur ar neamhnidh agus go dtiocfaidh a dheireadh, rogha aige a thaithneamhaint leis nó gan a thaithneamhaint: cuir ’n-a luighe air é: teasbáin do é: deimhnigh do é. An áit gur lámhacadar mo chaomhna chómharthuigheas go maith é, do chuireas staic isteach i dtaobh an chlaidhe a fhan ann: chuireas an staic sin ann mar chómhartha nó sighin ná beadh in aon amhras ná slighe áitimh ar an mball ceart ’n-ar deineadh an méala: fíoradh. Cómharthuightear Oidhche Bhealtaine annso fé theinte cnámh do dhéanamh i ngach paróiste: foillsigheann a ndéanamh san gur ráta nó dáileamh é, seannós a bhaineas léi seachas aon oidhche eile den mbliadhain do cheileabhradh. Duine as a eólas seadh é, cómharthuigh a thriall do: tabhair sighin nó aithne éigin do ar a bhealach. An áit go bhfuil beartha ar an iasc againn cómharthuighimís go maith é: deinimís cóimheas ar bhallaibh áirighthe talmhan agus an tslighe a luighid ar a chéile i dtreó ná beidh an áit amugha orainn má theastuigheann uainn a fhagháil airís. Cómharthuigh do leabhar anois, cuir stampa t’ainme air: cuir rian aitheantais air. Chómharthóchaidh Dia a’s duine leis an

aimsir thu mara n-atharruighir na bóithre atá fút: chídhfidh an saoghal mór do bhearta neamhchearta, agus tógfaid ceann díobh agus glacfaidh déistean duit iad dá ndruim sin. Buail an ruagaire sin ar an iarann dte agus cómharthuigh ainm na cuallachta air: cuir mar fhoirb air í. Cómharthuigheann cuallacht an Phiarsaigh i Loch Garman a n-ainm ar gach úirlis feirmeóireachta dá ndéinid: cuirid ortha a n-ainm mar rian nó foirb gurb iad a lucht déanta iad. Chómharthuigh sé dho féin mar mhnaoi i bhfad 'si bhfad sar ar iarr sé toil a pósta uirthe: bheartuigh sé 'n-a aigne í do bheith mar chéile. Cómharthuigheadh gach aonne a chuid féin den dtalamh seasc agus fanadh sé air sin: beartuigheadh gach aonne cad é an chuid is fearr a thaithneóchadh leis. Ar bhfeicsint dom ná raibh sé deimhnightheach ar theacht isteach nó gan teacht isteach chómharthuigheas do, lé sméideadh air, bualadh isteach: thugas éachtaint do: faisnéis. Ní chómharthuigheann t'ainm-se ar dhruim an tseic seo faic mar ná fuil aon tacaidheacht sa bhannc agat leis: ní mheádhann sé faic: níl maitheas ar bith ann.

cómharthuighthe: *a.* do-dhiallta, foirbighthe; marcálta; tugtha fé ndeara, "stampálta". B'fhada cómharthuighthe aige 'n-a aigne féin cá dtógfadh sé a thigh: beartuighthe, leagtha amach. Budh dheacair a rádh ceaca budh chómharthuighthe den mbeirt tréis na bruighne, bhí fuil siar síos ortha araon: ceaca budh mhó go raibh rian na troda air. An áit gur chailleas mo scian tá sé cómharthuighthe agam, chuireas cloch mhór bhán ann: deimhin déanta agam den dtreó. Ní fuláir nó tá máchail éigin ar a chnámhaibh, tá sé cómharthuighthe agam ná féadfadh sé dul ar a ghlúinibh: tugtha fé ndeara agam: tá sonntas déanta agam air. "Connus tá airgead bán na hÉireann cómharthuighthe?" – "dealbh capaill ar bhonn, dealbh tairbh ar cheann eile a's mar sin de": tá dealbh nó dreach clóidhte isteach nó árduighthe ar aghaidh gach buinn.

cómhbhágh: [**cómbágh**] *b.3.* faltanas, drochaigne, coimheascar, spairn, dréim, iomardas. Trí nidhthe a bheireas an donas ól, éad agus cómbágh: spairn nó iomardas lé daoinibh eile: áiteamh: troid chainnte. "Téid beóla an amadáin i gcómbágh etc." (Seanráidhte XVIII. 6): in áiteamh chainnte: ag dréim lé hargóint. Do chuir bhur gcuid oibre crích (críoch) mhaith ar chómbágh fhada na hÉireann le Sasana: coimheascar, troid, dréim namhadach. Riamh riamh faid agus tá cuimhne agam bíonn an dá pharóiste sin i gcómbágh dhéin lé chéile ar gach aon rud go gcuimhneófá go dtí ambáireach air: i gcomórtas: ag dréim lé chéile féach ceaca is fearr. I muinghin mo nirt chuadhas i gcómbágh léd ghaisce: do throid lé: i gcoimheascar lé: in aghaidh, d'iarraidh do ghaisce do chlaoidheadh. Chúig (rud, "poinnte") go raghainn i gcómbágh leat air: go ndéanfainn argóint id choinnibh 'n-a thaobh. Ar an bhfaithche téid i gcómbágh duaise na hiomarscála: féachaid a neart lé chéile go dian, cealganta. Síothcháin eadrainn, déintear muinnteardhas a's bíodh deireadh cómbágha againn: deireadh achrainn. Is í an díg (díogha) cómbágh: níl aon rud is measa ná achrann. Ní mhaireann sé an fear go bhfuil cómbágh agam do má bhíonn sé ionraic, díreach: faltanas: namhadas: aingideacht: eascáirdeas, drochaighne: neamhmhuinnteardhas. Ar mbeith don ngaoith a's don dtaoide i gcómbágh suailleann sí mar seo agus mar siúd: d'iarraidh buadhachana ar a chéile: i gcoimheascar. Ná bíodh sé de bhéas agat dul chun cómbágha lé haonne, droichchleachtadh seadh é: dul chun achrainn lé haonne. I gcómbágh reatha do bhuaidh sé an corn san: i ndréim, comórtas dian. Trí lá do sheasaimh an cómbágh idir an dá arm, gan sos, ag sleachtadh a chéile, gur chaill gach taobh díobh deich míle fear: an cómhrac:

comhlann: cath. I mbéal dorais táid ge chéile, budh chóir dóibh bheith muinnteardha, in ionad san is amhlaidh atá cómbágh buan eatartha, ar barrghal bruighne de ló a's d'oidhche: fonn achrainn.

cómhbháidh: [**cómbáidh**] *b.2.* muinnteardhas dlúth, cómhar daingean, cómhghuaillidheacht. An raghainn dá chabhair dá mbeadh sé im ghábhadh? gan amhras, mar is mór é mo chómhbháidh leis: mo leagadh aigne leis: mo mhuinnteardhas leis: mo léighe leis. Cómhbháidh mo chroidhe a bhí agam leis an nGearmáin i rith an chogaidh mhóir toisc a raibh 'n-a coinnibh: taise: braithstint éigin laistigh i gcroidhe an duine do mhúsclann aiste áirighthe neamhghnáth dhuine eile. Ar mbeith dho i nguais nó an lámh uachtair do bheith dhá ghabháil air. D'aithnigheas ort go raibh cómbáidh agat leis ar an slighe thaobhuighis leis: léighe: leagadh: cómhbhraithstint: cómhmhotháilt, a bheith de thréith i nduine go ngoillfeadh brán an fhir thall air. Is fada daingnighthe ag Sasana agus ag an bhFrainnc cómbáidh cogaidh: comhar chun cabhartha lé chéile.

cómhbháidheach: [**cómbáidheach**] *a.* muinnteardha, cneasta, lághach, grádhmhar. Cé gur dhuine deóranta san áit é bhí na daoine anchómbáidheach leis ar bhás a mhná, thángadar ag déanamh cómhbhróin agus taise leis, agus aon chónghamh dob fhéidir leó do thabhairt thugadar do é: muinnteardha, lághach, cineálta. Im bhrán broghaide dhuit bheith cómbáidheach liom ná bheith dian: budh chuibhe dhuit bheith cineálta liom. Nuair dóigheadh a thigh air idir troscán a's rothaidhe a's uile chruthuigh na cómharsain go cómbáidheach do, bhailigheadar airgead lé chéile chun é do chur ar a bhonnaibh airís: carthanach. Duine cómbáidheach seadh é nách gábhadh dhuit aon rud (míofhonn) do bheith ort do ghearán do chur in iúil do: duine cneasta.

cómhbháidheachas: [**cómbáidheachas**] *f.1.* muinnteardhas, léighe, searc, grádhmhaireacht, cean, cumann, taithneamh. Aonne gur dóigh leis teacht idir tu agus me féin agus sinn do chur amuigh lé chéile ní heól do an cómbáidheachas atá eadrainn, sin a bhfuil agam-sa lé rádh: an muinnteardhas: fonn maitheasa dhuine eile: an deaghthoil. Riamh tá cómbáidheachas agam leis an bhfear úd, cé ná fuilim fé chomaoin feóirlinge aige agus nár labhramair fiche focal den gcainnt riamh lé chéile, is dócha gur b'iad a dheighthréithe is bun leis: cion: léighe: leagadh aigne: móthailt mhaith. Chómh minic agus tá méireannta orm tá iasacht airgid tugtha agam do; lá amháin go raibh broid orm d'iarras cabhair air agus b'é mo chómbáidheachas, eiteach!: dualgas do chomaointeóir: buidheachasacht, stuaim an chineáltais a tugtar dúinn, agus fonn a chúitighthe. Subháilceas seadh cómbáidheachas dréir tuigseana cháich, is giorra go mór ná aon tsubháilce coimhdeachta eile don ionnracas. Cómbáidheachas ar fad seadh an maidrín sin, bíonn sé ag lútáil ar gach aonne: grádhmhaireacht.

cómhbhráithreach: *a.* cómhfhogasach, gaolmhar, coibhneasach; gaolach trí fhuil; gaol cómhgarach trí mhuinntir. Ná cuireadh sé aon iongadh ort me bheith ag éirghe thiar ar do namhaid is sinn an bheirt cómbráithreach, a dó 'sa dó de ghaol: geairrid dá chéile i bhfuil. Beirt dhlúth seadh iad chómh cómbráithreach lé beirt bhitheamhnach: cómh mór lé chéile. Nách bhfuilim cómbráithreach léi? nách dá cuid fola agus feóla mé?: grodghaolmhar, gairmidhe. Bíd cómbráithreach: bíd báidheamhail lé chéile agus in am broide luighid lé chéile.

cómhbhráithreachas: *f.1.* cómhfhogusacht, gaol(mhaireacht), coibhneasacht, cómhgaracht ghaoil; airdhean chéadfaidh; meón bráthar; tréitheacht; dáil nó aiste coibhneasta díorma daoine; bráithreamhlacht; buidhean, díorma, díorma daoine bailighthe in aon chumann chun a mbaile agus a gcómhmhaitheasa do shaothrughadh; daoine den ngairm, dáil (coimhdeachta) a's den gclódh chéadna. Cómbráithreachas na héigise: an bháidheamhlacht, nó an leagadh a bhíos ag na filidhibh lé chéile. "Is ionann cómbráithreachas san gcreideamh Chaitliocaidhe agus bárdas i gcomhfhlaitheas" (brebhint). Is mithid dár gcómbráithreachas do bheith sínte anois – sinsinseanathair do sheanathar-sa agus sinsinseanathair mo sheanathar-sa an bheirt dreathár! cuir isteach ár ngaol anois: an gaol fola atá againn lé chéile atá spíonta nách mór. Ar feadh na mbliadhna bhídís amuigh lé chéile in achrann a's in easaontas, go grod thángadar isteach lé cheile, ní heól d'aonne fáth a gcómbráithreachais: an dlúthmhuinnteardhas mar budh dhual do dhreatháchaibh. Ní hé an dúil san ól is bun leis go n-ólann sé oiread ach an cómbráithreachas do gheibheann i gcuideachtain an ghloine: an subháilceas coimhdeachta mar budh dhual do dhreatháchaibh do bheith eatartha.

cómhbhráthair: *f.* (*-thar*) col gaoil, duine den dtreibh nó den gcinidh gcéadna; caomhna, cóimhthíorthach, fear det fhine, cómhchumannach. "Cé tá in aonfheacht leat, a Shéamais?" – "tá, mo chómhbhráthair, an Cóta, a bhíos im fhochair de ghnáth ag taisdeal dúinn": mo chaomhna, mo chara dílis. Angheairrid i ngaol dóibh, cómhbhráithreacha seadh iad: col ceathrair etc. A Shéamais, a chómhbhráthair, a mhic mo dhreathár!: duine fíor gheairrid i ngaol. Fuaireas admháltas indiugh lé sé scillinge gur toghadh im bhall mar thusa de Chómhlachas Iascaigh Mhara Éireann me, cómhbhráithreacha seadh sinn anois: gur duine me atá i gcómhar leat chun baile an chómhlachais seo do chur ar aghaidh. Duine uasal ceart, ní haon chómhbhráthair neamhoireamhnach é: duine gur fiú bheith síos suas leis. Cómhbráthair i dtráchtáil: cóimhleacaidhe i mbeart neamhdhleathach, cúlaistín i bpoilitidheacht nó i gcogadh: cóimhchéile i gcoir. 'Sí guidhe gach deagh-Éireannaigh gur cómhbhráithreacha cómhair feasda gach complacht poilitidheachta eadrainn: cóimhthíorthach, lucht aon tíre.

cómhbroid: [**cómbroid**] *b.2.* foiréigean, sárughadh, leathtrom, foirneart, éigean, luige, main. An chómbroid chéadna atá ar thíorthaibh uile an domhain, an iomad tromchánach: déine; ceannas cruadhálach: tromaidheacht thar cheart. Cómbroid dom go bhfuil orm bille d'fhuascailt a's go bhfágann san gan fiacha mo choda bídh me: sárughadh i dteannta a bhfuil cheana orm. "Shaoileamair", ars an feirmeóir, "ar mbeith dosna tighearnaidhibh talmhan curtha dínn againn, go mbeadh deireadh lé cómbroid againn, ach seo béas nó cáin dhá chur ar ár n-onnmhuiridhibh a mhilleas chómh mór sinn": tromaidheacht neamhchóir, neamhcheart. Ní lé méid mo chod oibre in ao'chor atáim ag gearán, ach an chómbroid a bheireas orm gan luighe ar m'earball ach ag rith thall 'sabhfus ón nóimint go dtín uair: an cruadhtan: an sárughadh sosa.

cómhbhrughadh: [**cómhbhrúghadh**] *f.* (*-uighte*) luighe trom, cruadháil, annsmacht, inghreim; claoidheadh; croidhebhrughadh; doilgheas. Ó, a mhic ó, is ar Shasana do bhí fonn ár gcómhbhrúighte nuair chuir sí na Dubhchrónaigh annso ag imirt marbhtha a's gach saghas cora ar dhaoinibh: luighe go trom orainn lé foirneart. Ar chlos do gur

cailleadh a bhean níor chuir sé aon chómhbhrughadh air, sé ar theasbáin sé d'amadh, "an mar sin é?": brón, bris eadh nó buadhairt croidhe. Ó mhaidean go hoidhche bhíodh sé os chionn a lucht oibre ag faire ortha agus ghá ngriogadh chun oibre, budh mhór an cómhbhrughadh ar na sclábhaidhthibh é: cruadhtan: tíorántacht. Chómh calcuighthe sin 'n-a chroidhe dho bheadh sé ag peacughadh i rith a mharthain, gan cómhbhrughadh ná eagla roim Dhia ná dhuine air: gan fonn aithrighe ná aithreachais i dtaobh a pheacaidhe. "An amhlaidh atá a chos" ars an fear grinn, "briste mar brisfí bata treasna díreach, nó an amhlaidh atá cómhbhrughadh déanta uirthe mar bheadh ar chrann gabáiste!": liotuighthe mion as ionad ar a chéile. Fuaireas cómhbhrughadh mo dhóthain, oiread a's nár bh'oth liom, san mbrughtam caide, leagadh a's lascáladh a's pasáladh me: tuargadh a's luigheadh ar mo chorp an oiread san a's gur bhraitheas ó thalamh é. Mara ndéinir cómhbhrughadh ar na clochaibh sin ní cheadóchaidh an t-iondúir iad do chur ar an mbóthar: iad do mhionughadh i slighe oireamhnaigh, thairbhigh don mbóthar. A Dhia, glac le cómhbhrughadh mo chroidhe i maitheamhnachas mo pheacaidhe: as ucht an bhróin is an aithreachais truim atá ar mo chroidhe.

cómhbhruighim: [**cómhbhrúighim**] *b.a.* teannaim ar a chéile, dlúthuighim ar a chéile; fáiscim ar a chéile; déinim fóiréigean ar; bím dian ar. Chómhbhruigheadar a chéile, cómhachta móra na hEóraipe le linn an chogaidh mhóir gur fhágadar cimiar ar a chéile a leanfas iad i gcáin agus i ndaoireacht earraidhe ná cuirfid díobh go ceann i bhfad: thuargadar agus dheineadar díobháil a chéile. Cómhbhruigheann an t-ineall san carraigeacha dá mhéid go néann gnáiste bhóthair díobh: meileann, mionuigheann an oiread san iad go mbíd chómh beag san go mbíd oireamhnach lé cur ar uachtar bóthair. Cómhbhruigheadh cnámh a lorgan idir an dtrucail agus claidhe an bhóthair gur deineadh minmheilt de a's gur caitheadh í do theascadh de: liocuigheadh an cnámh: cuireadh as cruth é lé deann an fhásctha a's fágadh an cnámh ar nós na mine! Chómhbhrúigh an tonn mór an tsail chómh daingean san suas isteach i scoilt na faille nách féidir í tharangt as: dingeadh gach aon phioc de isteach ann. Ghaibh Ó Díomsaigh pic ar a chómbághach gur chómhbhrúigh an dá shúil istigh 'n-a cheann ar bhealach ná feicfeá iad: do ghoirtigh sé iad le buillidhibh troma dóirne. Fuaireas scéala indiugh go bhfuil an fear tighe mar a gcuirinn fúm in Áth Cliath tréis éagtha agus do chómhbhrúigh sé me go mór: chuir sé brón orm. Leis an gcrobhneart atá ann ní mór ná gur chómhbhrúigh sé mo lámh nuair chroth sé í, tá tinneas fós innte, gur idir éigean is féidir liom mo mhéireanna do shearradh: d'fháisc sé ar a chéile chómh teann san í gur ghoirtigh í.

cómhchainnt: (*fogharuightear é, cóchainnt*) freagra deileamhasach, gach re seadh, cómhrádh, cómhrádh go dtugann duine faillighe 'n-a chúram nó 'n-a ghnóth ann mar gheall air, cainnt gan chúram ag baint léi. Fuairthéidh duine a chaitheas an lá ag cómhchainnt lé bod an bhóthair: ag cainnt go leadaránach ar gach aonnidh a's ar aonnidh a thagas chun a aigne le haon duine gan chúram (neamhaistearach) a thiocfadh treasna air. Bí deabhadhfarach anois mar tá géibheann lé freagra agam a's ná caith an lá ag cómhchainnt ar an mbealach le haonne beo: ag déanamh cómhráidh leis ar nidhthibh seafóideacha. Is mór gur bh'fhearr(a) dhuit éisteacht ar rud ná fuil aon eolas agat air ná bheith ag tabhair cómhchainnte dómh-sa go bhfuil m'fhiacla caithte agam leis: ag cainnt go clódhachaiseach, neambéasamhail. Dé Domhnaigh seo caithte thug Liam an Chnuic agus Seán an Átha anghearradh dhá chéile sa Daingean, níor fhágadar thíos ná thuas ar a

chéile é" – "ní h-iongadh liom san, bíonn cómhchainnt an domhain ag an mbeirt aca": cainnt a phréamhuigheas argóint.

cómhchainnteach: *a.* (*fogharuightear é, cóchainnteach*) éascaidh chun cainnte nó cómhráidh do dhéanamh; féicheamhanta ar fhios do thabhairt uaidh; neamhchúntarach; oscailte; béalréidh. Sin daoine a thaithnigheas liom, agus dá dhruim sin is méine liom dul ar mo laetheantaibh saoire ann, táid cómhchainnteach, beannuighid a's labhraid lé duine, dá bharr gur fusa dréim leis an nGaedhling: leagtha, fonnmhar ar chómhradh do dhéanamh. Daoine neamhchómhchainnteacha ó bhun na gcnoc ná faghfá aon tsásamh cuideachtan ionta: daoine ná bíonn éascaidh ar chómhrádh d'éileamh ná do dhéanamh. Bheir neambailbheacht agus girréis Sheáin cómhchainnteach gach aonne a bhí sa chuideachtain: chuir sé iad ar aiste gur mhian leó bheith ag agallamh a chéile. Dathad uair tá sé iarrtha agam ort dul abhaile dhuit féin agus gan bheith chómh cómhchainnteach agus taoi ag tabhairt giorraisce dhom; budh mheastamhla dhuit bheith leat slighe anois: deileamhasach, ciotarúnta, mímhín id shlighe agus id do bhéal. Daoine adeir ná faghaid focal as a bhéal, gheibhim an-chómhchainnteach é: fonnmhar chun rudaidhe do chur trí chéile liom go sochma suairc.

cómhcháirde: *b.4.* dáil na cáirde céadna do bheith ag dís (beirt); cáirde dlútha. D'imthigh mo chómhcháirde as an áit a's cuireann sé uaigneas orm tréis na mbliadhan mbuan teacht ar ais a's gan rómham ach a gclann: cáirde mo linne féin. Ón lá do shaor sé ó bhádhadh me cómhcháirde seadh sinn: níl aon mhaitheas ná go ndéanfadh duine againn don duine eile. Thug sé cuireadh chun a bhainise dá chómhcháirde go léir: a dhaoine go raibh muinnteardhas aige leó agus aca leis. Tá aithne agat-sa air agus muinnteardhas leis? tá, agus agam-sa, cómhcháirde seadh sinn mar sin: tá na cáirde céadna againn.

cómhcháirdeas: *f.1.* cómhmhuinnteardhas. Cad dhlúthuigh an cómhcháirdeas idir an dá thigh a bhíodh chómh mór san in easaontas, ná féadfadh aonne teacht eatartha anois?: muinnteardhas ón dá thaobh: muinnteardhas a's deaghthoil ó thaobh dhá chúiteamh ag an dtaobh eile. Do phréamhuigh a gcómhcháirdeas ar ionnracas na beirte i gconbharsáid lé chéile: cómhmhuinghin agus cóimhchion. Tabharthas seadh cómhcháirdeas: aisce gur fiú aisce í seadh fonn agus déanamh maitheasa ón dá thaobh.

cómhchaitheamh: *f.1.* (*-ithte*) ionannas aiste, ionaid, cluas ar chluais (capaill i rás), cómhuisce (rás bád, long, etc.); cóimhchéim (mar daoine i ndréim léighinn, ag féachaint a nirt etc.); éadach, bróga etc. bheith chómh lom lé chéile; an cnaoidhe céadna; an t-ídeach céadna. Budh bheag é mo bheann ar aon fhear ag dul 'on Daingean go dtáinig cómhchaitheamh na haoise orm: an caitheamh, an dul ar gcúl is dual don nduine do theacht air ag aosughadh dho. Imirt ar chómhchaitheamh seadh é anois, ní fios d'aonne cé leis í; is é cluiche aonne fós é: an tsuim chéadna cúigeanna do bheith ag gach cearrbhach. "Connus tá an rás anois?" – "tá dhá chapall ar cómhchaitheamh i bhfad chun tosaigh ar an gcuid eile": taobh ar thaobh: cluas ar chluais: gan ceann aca ionga chun cinn ar an gceann eile. Ag nochtadh an chómhartha budh shia ó bhaile bhí na báid go léir ar chómhchaitheamh nách mór, iomardas dian dob eadh é: ar chómhuisce: taobh ar thaobh. Dochtúir léighinn seadh go haonne den dtriúr aca; táid ar chómhchaitheamh: an chéim chéadna do bheith aca. Buachaill neamhghasta tímcheall a chuid éadaigh dob eadh é,

bhíodh a chulaith Domhnaigh ar chómhchaitheamh lé n-a chulaith dálaigh: ní choigleadh sé do cheann aca ach an oiread leis an gceann eile: b'é an déanamh céadna do ghaibhidís uaidh, go rabhadar ar chlódh a's imtheacht a chéile: ná haithneófá ceanna aca ón gceann eile le luime. An té ná tugann cómhchaitheamh dá chuid bíonn thiar air: é do chaitheamh in ionannas: gan dul thar cailc ná oiread do chaitheamh ar amannaibh a's d'fhágadh rian air.

cómhchaithim: *b.a.* caithim nó ídighim oiread agus aon dís nó breis. Cómhchaith an freap (miodhchain) so agus uisce tríd: an méid sin freapa leis an méid sin uisce. Cómhchaithte do bhíomair lé n-ár ndochair mar b'é ár margadh ar luighe le chéile dhúinn 'n-ár gcúntar bheith leath beartha, leath caillte: an méid céadna do bhí an bheirt againn chun deireadh. Cómhchaithte a dhóthain do thaidhbhsigh sé dhom an lá déidheanach do chonnac é; an raibh taom ná breoidhteacht air le tamall?: lom, seang a dhóthain. Dóthanach, cómhchaithte dosna Cómhachtaibh móra tréis an chogaidh: tuirseach de agus snaoidhte, tugtha.

cómhchantain: *b.3.* imirt nó amhránaidheacht i gcóimhtheacht fhírinneach lé chéile; aontadh; uaim; ceól córach. Cé hé ná bainfeadh cómhchantain na fuiseóige a's na n-éan eile ar thom a's ar sceich an smúit dá chroidhe maidean shamhraidh i nDún Chaoin nuair bhíonn a séise casta aca?: ag déanamh ceóil lé chéile. Ghabhadar, an bhuidhean mhór, a gcuid amhrán i gcómhchantain: ar an aoirde chéadna glóir a's nóta.

cómhchlos: *f.3.* dáil cloiste go soiléir; ós árd; dáil bheith in achar cloiste. I gcómhchlos don saoghal mór dubhairt sé ná meathfadh sé choidhche ar an bpoblacht, 'n-a dhiaidh san ghlac sé leis an gconnradh go pras: dubhairt sé os cómhair na coitchiantachta é: ós árd: gan scáinteacht air an méid a bhí ar a aigne aonne ghá chlos. Cé go rabhas láithreach ar an uain d'áirighir ní i gcómhchlos domsa do thug sé bitheamhnach ort má thug: im éisteacht-sa. Do labhair sé de ghuth cómhchlosa ar chuma go gcloisfeadh aonne é ach an té bheadh bodhar: ós árd. B'fhuar dom bheith ag glaodhach air mar ná raibh sé i gcómhchlos: i ngiorracht san a's gur bh'fhéidir leis me do chlos, an fhaid sin uaim ná sroichfeadh mo ghlór (ghuth) é. I gcómhchlos domsa cúrsa seadh é ná fuil i dtreis: ar a bhfuil cloiste agam-sa ní fíor é. Labhair níos ísle, ní fheadaraís cé bheadh i gcómhchlos, bíonn cluas ar an gcoill: ag éisteacht gan fhios.

cómhchogar: *f.1.* cóimhchealg; beartughadh lé chéile chun cora, fill nó méirleachais. Chuadhadar i gcómhchogar chun bheith ar mo thí ar an mbealach abhaile dhom agus mé d'ídeach in áit uaignigh: chuireadar a gcómhairle lé chéile agus réidhtigheadar beart mo mharbhtha. "Duine iasachta san áit seadh me, a bhreithimh" ar seise "ní thaithnigheann lé muinntir na háite me do lonnughadh 'n-a measc agus táid i gcómhchogar me do chiapadh a's do ruagadh as an gceanntar": i gcómhar droichbhearta.

cómhchoitcheann: *a.* anfhóirleathanadamhail. 'Sé baramhal chómhchoitcheann na ndaoine 'n-ár gceanntar-ne gurb é a bhéas mar Theachta Dála againn tréis an toghaidh seo: tuairm an uile dhuine a bhuailfeadh umat. I bhfad 'si bhfad don saoghal agus daoine ann a shaoil a's a chreid go raibh an chruinne slinn, b'é an tuairm chómhchoitcheann ameasc dalla.

cómhchómhairle: *b.4.* dáil dul i gcómhairle rúin; cúr a's cúiteamh fé thóin; cruinniughadh daoine chun cómhairle do ghlacadh lé chéile mar dochtúiridhe nó liaghanna ar othar; cómhmhachtnamh, cóimhléirmheas. Ar dhul do dhuine i gcómhchomhairle bheireann sé tuairmidhe uaidh agus éisteann sé lé tuairmidhibh: nuair dhéineann sé cómhmhachtnamh sosann sé agus meádhann sé: cúitigheann sé ('n-a aigne). Cómhchomhairle chun feasa agus seóladh d'fhagháil: cúiteamh (machtnaimh) d'fhonn duaidh agus conntabhairt do sheachaint. Is fada shiubhalfadh duine sara bhfaigheadh sé cómhchomhairle fonmhóide agus magaidh mar an chúigear agaibh: cóimhtheacht beirte nó breise ar thoisc éigin. Connacthas don ndochtúir go raibh cás an othair rómhaith dá thuigsint aonair féin agus ghairm sé triúr eile dochtúiridhe i gcómhchomhairle féach, dréir a mbaramhla go léir, cad dob fheárr do dhéanamh, liaghsceanadh do dhéanamh air nó dul i dtreis míodhcaine (freapa): a dtuairmidhe do chur agus do chúiteamh agus cinneadh ar an rud budh dhóigh leo dob fheárr dréir a dtuigseana. Cómhchomhairle Chille Choinnigh: cóimhcheangal síotha agus cabhra agus cómhaill do rinn Éireannaigh eatartha féin fá mhoidibh Bíobla Dé um chogadh do dhéanamh ag cosnamh an chreidimh fhírinnigh in Éirinn san mbliadhain 1646. Cómhdháil cómhair.

cómhchruinn: *a.* cruinn gan locht ná éisling ar nós na liathróide go n-uachtar mín, réidh; beacht, cinnte. Cruthughadh réidh, sothuigse go bhfuil an domhan cómhchruinn seadh ar ghabháil siar lomdíreach ó bhall áirighthe ar bith agus leanamhaint air gan casadh ná claonadh ar dheis ná ar chlé go dtiocfá ar an mball gcéadna ón áird thoir: déanamh na liathróide nó na peile air. Déanamh cómhchruinn ar cheann an duine ó n-a shúilibh suas: cor tímchill ag teacht ann dréir a chéile. Tháinig taom air gur thuit sé 'n-a phleist chómhchruinn ar an urlár: 'n-a charn casta ar a chéile, a ghéaga craptha leis. "Ar bhuail sé an cocrath an uair úd, mo thuairm nár bhuail?" – "bhuail, go cómhchruinn": bhuail go maith, 'n-a lár. Ní raibh an fiche púnt go cómhchruinn agam, bhí easbhaidh leathchorónach orm: an t-airgead go beacht. Lé lasca teann cómhchruinn chuir sé an chaid ó lár páirce isteach idir an dá chuaille: gan easbhaidh ná fuighleach ar fheabhas an lasca. Fear íseal cómhchruinn: fear déanta dréir a chéile tímcheall a phearsan. Bí cómhchruinn id ráidhtibh ag tagairt do chúise, gach cúig go soiléir, sothuigse agat: bíodh lorg do chainnte dréir a chéile gan tuisle ná lúb ar lár ann. Fuair sé allait mhór chómhchruinn sé troighthe síos sa phortach in aice lé Dún an Óir, agus cad bheadh ann ná liathróid ghunna mhóir ó aimsir iomshuidhe an Dúna: cnapán iarainn go raibh tímcheall dréir a chéile aige ar nós liathróide.

cómhchruinne: *b.4.* allait nó bruth tímcheallach. Lé n-a chómhchruinne gan é bheith díreach, caol ní raghadh sé isteach 'on pholl: teann, toirteamhail. Chuirfeadh a chómhchruinne buidéal i gcuimhne dhuit: a thímcheall mar tá ar bhuidéal. B'fhuraiste a scéal do thuigsint lé n-a chómhchruinne, teilgean léir a's innsint sothuigse: a chur le chéile gan cháim. Dá mbeadh cómhchruinne an airgid agam, ach níl, tá éagmais fiche púint orm, cheannóchainn an tigh sin: iomshláine. Lé cómhchruinne na carraige is deacair talamh do dhéanamh uirthe lé hórd, ní mór í do phléascadh lé púdar: gan chúinne, gan árd, í go léir dréir a chéile go dlúth, ar nós mhullaigh chinn an duine. Cómhchruinne na fóirne a thug an lá dhóibh ar an dtaobh eile: comhghastacht, imirt go dlúth cómharach freagarthach dá chéile. Cómhchruinne na ndaoine tímcheall an tsoithigh oíle a's gan

chead teichte aca nuair las sé budh bhun lé n-a ndóghadh a's n-a loscadh 'n-a mbeathaidh: ródhlúth ar a chéile.

cómhchruinnighim: *b.a.* bailighim ar a chéile, tiomsuighim, tiomargaim, tionólaim. Ar Liúir (beann oileáin) seadh chómhchruinnigheann na faoilinn i ndeireadh an earraigh ó gach áird tímcheall annso chun síolbhuighthe: tagaid lé chéile 'n- scaothaibh iomadamhla. Lá Mharbhtha an Daingin chómhchruinnigh na daoine ón dtuaith as gach áird isteach 'on bhaile 'n-a ndíormaidhibh troda: bhailigheadar i bhfochair a chéile. Ar bheith do n-a sluaightibh cómhchruinnighthe thall 'sabhfus ag Brian i gcómhair Chatha Chluaine Tairbh d'agall sé iad: bailighthe ar aon láthair. Ar chlos do go raibh an tír ar barrghal cogaidh chómhchruinnigh sé a chuid airgid as na banncaibh éagsamhla 'n-a raibh sé aige in aon deascán amháin agus d'árduigh é féin thar lear.

cómhchuimseach: *a.* comhchómhachtach; cómhchomhthromach, ionnraic, cóibhéiseach, neamhchlaon; coimhfhreagartach. Cómhchómhachtach d'aonne seadh teine nó uisce mara mbíonn dul as aige: is é an neart céadna (díobhála) atá ionta dho: is mar a chéile dho san ceaca, peaca is láidre ceann aca ná an ceann eile. Labharadh an fear eile dhuit leis an rúnaire, cómhchuimseach sinn aige, ach gur dóigh liom gur mó an léighe atá aige leis ná liomsa chun comaoine do dhéanamh: an bunadhas céadna. Breitheamh cómhchuimseach seadh é, ní dóigh liom go mbíonn báidh ná léighe aige le haonne seachas a chéile ach an dlighe do riar go comhthrom: ionnraic, díreach, neamhchlaon. D'aontóchainn lé haon rud do bheadh cómhchuimseach ach maidir lé breith do thabhairt ar dhuine gan aithne gan eólas agam air, ní stríocfad: ionnraic, macánta, díreach. Socrughadh cómhchuimseach do deineadh ar an oidhreacht i ndiaidh an fhir dí-údhachta: fuair gach aonne a bhí i dteideal faic d'fhagháil a chómhthrom. Is deacair rogha feabhasa do bhaint asta táid cómhchuimseach: mara a chéile i gcéim nó i luach.

cómhchumann: *b.2.* grádh nó báidh cóimhfhreagarthach, cómhpáirtidheacht, caomhnacht; complacht, cóisir, bráithreachas. Dá mbeidís i gcómhar ceannaidheachta lé chéile uair a's céad níor dheacair dá luigheadh neimhréidhtigh a gcómhchumann do bhriseadh: an bháidh atá aca lé chéile. Trí chómhchumann ghealladar lá a bpósta ná glacfadh neachtar aca céile dá bhfaghadh an duile eile bás: cómhghradh, cóimhcheanamhlacht. Shiubhalfá tamall maith sara gcasfí fear mórchómhchumainne mar é leat, subháilceach, deighscéalach i gcuideachtain: oireamhnach, ceanamhail ar bheith i gcoimhdeacht cháich. Cómhchumann luchta an óil is mó is bun lé braoinín sa mbreis do thuiteam fothuair air a's ní dúil ann: cómhluadracht; breasnaidheacht: claon chun cuideachtan nó cómhluadair. Cómhchumann gur deacair locht d'fhagháil oraibh seadh sibh, agus is leasc liom bhur gcuideacht a's bhur gcómhluadar do shéanadh, taithnigheann bhur ngreann a's bhur ndeaghchroidhe liom: buidhean, complacht.

cómhchur: *f.1.* agus *–rtha* (3) d'adhlacadh in aonfheacht nó ar aon nós; do chur i dtalamh (mar síol) ar an gcuma gcéadna nó ar an am gcéadna; do bhualadh i dteannta a chéile in áit ar bith. B'ait leis an bhfeirmeóir nár fhás na meacain bhána chuige mar fhás na meacain dhearga, cómhchur do thug sé ortha: an iondrabháil chéadna do fuaireadar uaidh a's an síol dhá chur i gcré aige. Thugamair cómhchur ar ár n-athair a's ár máthair: chuireamair dréir an nósa chéadna: cómhurraim do fuaireadair uainn. Bhíodh an oiread

san corpán ar an dá thaobh tréis gach catha ná bíodh ionad adhlactha oireamhnaigh leis an eagla chúcha ortha ná deintí ach a gcómhchur go léir in aon chlais amháin: a mbualadh fén úir fé a's tharais. An ceathrar lucht teine a dóghadh sa toiteán mhór an tseachtmhain seo caithte tugadh cómhchur ortha: aon tsochraid amháin a's uaghanna in aice a chéile. "Cad tá agat dhá dhéanamh?" – "ag cómhchur na leabhar ar shiolpaidhibh (taostáin) mo leabharagáin": do gcur ortha in eagar, soshroicthe gem láimh.

cómhdháil: *b.3.* cruinniughadh, cóimhthionól: teacht daoine lé chéile ar thoisc éigin; fiadhnaise, agallamh; tionnlacan; freasabhradh. Lá an easbuig do bhí cómhdháil mhór ar an mBuailtín mar is gnáthach: cruinniughadh mór daoine in onóir don lá agus don dteangbháil. Cá háit cómhdhála go socróchamair air budh chaothamhla dos na daoinibh atá ag teacht ós na próisteánachaibh fé leith: áit bhailighthe. I mbliadhna tionólfar cómhdháil bhliadhantamhail mac léighinn (dámhthach) Gaedhilge choláistidhe na n-iolscol ar an mBuailtín: cóimtheacht lé chéile. Cómhdháil teachtaidhe as gach ceanntar in Éirinn: a mbailiughadh ar aon láthair in aon díorma chun gnótha do dhéanamh. Budh mhian liom go dtiocfá im chómhdháil sa Daingean lá éigin caothamhail agat, tá gnóth áirighthe agam díot: fém bhrághaid: chun buailte liom. Chuir an fear fiach fios orm teacht chuige chun réidhtigh do dhéanamh ar a bhfuil tuitighthe aige orm agus cómhdháil nách milis ná binn liom a bhéas eadrainn: teacht le chéile chun rud áirighthe do chriathairt. Tagann sé gach bliadhain 'on Ghaedhealtacht a's a chlann 'n-a chómhdháil: 'n-a fhocair. Chonnac peictiúir an uachtaráin ar an bpáipear ag fiosrughadh uaigheann mharbh na Cásca a's a airidhe 'n-a chómhdháil: ghá thionnlacan. Bímís i gcómhdháil a chéile dá laige sinn, mar mar sin seadh is treise sinn: i bhfochair a chéile. "Deir an fear tréan úd go ndéanfadh sé mionmheilt ded chorp!" – "abair leis teacht im chómhdháil tráth ar bith, ná fuil tor madra agam air féin ná ar a bhladhman: teacht chun me d'ionnsaidhe. Suidhfidh cómhdháil choitcheann Chumann na gCleas Lúth in Áth Cliath de Sathairn chun an choisde bhliadhantamhail do thóghadh: cruinniughadh: dream daoine go bhfuil sé de chómhacht aca gnóth a's dlighthe a gcumainne do chur i gcrích. Ní bheadh aon chómhdháil agam leat mar ná réidhteóchaimís: ní bheadh aon bhaint ná síos suas.

cómhdhaoine: *f.* daoine cómhaimseardha, daoine dhuine féin. Nách iad na feirmeóiridhe mo chómhdhaoine; feirmeóir seadh me féin: mo chóimhleacaidhthe: daoine mo dhála a's m'aiste féin. I mbéal an dorais cómhnuighid agam, mar sin nách iad mo chómhdhaoine iad?: daoine go mbíonn mo shiubhal a's mo chonbharsáid leo. Cómhdhaoine b'eadh Dómhnall Ó Cónaill a's Tomás Dábhais: bhíodar suas lé linn a chéile.

cómhdhath: *f.3.* an dath céadna; ar an aiste (olc) chéadna; dathuighthe in ionannas. Níor bh'fhearr liom rud do dhéanfá leis an éadach lae shaoire a's Dhomhnaigh seo ná a chaitheamh uait, tá sé ar chómhdhath agat leis an éadach seachtmhaine ó n-a bheith ar do chnámhaibh: táid uile cómhchaithte: is deacair an dath bunaidh do thabhairt fé ndeara lé drochíde. Treibh cómhdhatha dob eadh Muinntir Mhurcadha an Ghleanna, bhíodar uile ruadh: den dath céadna. Níl gead bán ann ná ball bán ó n-a cheann go hearball, cómhdhath seadh é; dubh: an uile chuid dá fhionna dubh. Dá méid (ronnach) maircréal sa bhfarraige deirtear ná fuil aon dá cheann aca ar chómhdhath: go bhfuil éagsamhlacht éigin mhion maidir lé síogaidhibh eatartha.

cómhdhathach: *a.* ar an ndath céadna dréir a chéile, ar an ndath ionannais céadna. Dhá dhíol ar an margadh do bhí fiche mart cómhdhathach aige – iad go léir dearg: ar an ndath gcéadna. Deannuigh an fridhe agus an doras go cómhdhathach: cuir an dath céadna ar an dá cheann. Níl an falla cómhdhathach, tá baill gan aon dath annso agus annsúd agat: dathuighthe dréir a chéile. Dá bhfiafrófá dhíom-sa ceaca is fearr nó is measa m'fhreagra ort go rabhadar cómhdhathach: ar olcas mhaitheas a chéile. Ceannaghtha (cinneatha) cómhdhathach gurb annamh do chidhfeá ar aonne: aghaidh dháthamhail, réidhchomhthrom.

cómhdhathuighim: *b.a.* cuirim an dath céadna (ar); dáthuighim dréir a chéile. Dubh atá agat mar chómhartha ar an ainmhdidhe seo cómhdhathuigh an chuid eile aca anois: cuir dubh ortha. Ag an bpludadh do steall an gluaisteán orm bhíos cómhdhathuighthe ó cheann trácht: plúdadh dob eadh gach aon phioc díom ó mhullach cinn go talamh. Budh thaithneamhaighe do thaidhbhseóchadh an tigh dá mbeadh a dhóirse 'sa fhuinneóga cómhdhathuighthe: an saghas céadna deanna nó gaiste curtha fútha go léir. Is iad ár mbriathra a chómhdhathuigheas ár smaointe: is leó do foillsightear an nidh a bhíos ar maoith againn.

cómhdhlúth: *a.* cómhdhaingean, teannsháidhte ar a chéile, tiugh, fuinnte, tochraiste. De cheal dóthana slighe ar an gcara sráide bhí na daoine chómh cómhdhlúth san ar a chéile lé linn na cinneamhna nár fhéad neach aca corruighe: cómhbhuailte, athchomair teanntuighthe sin. Fear córach, cómhdhlúth gur bhreágh leat dearcadh ar a scrothaidheacht: fear a bhí fuinnte, déanta dréir a chéile. Carraig dhaingean, chómhdhlúth ná brisfeadh aon órd ná faic eile fé bhun a séidte: mianach cruaidh, doscoilte, fáiscighthe 'n-a chéile innte. Taithnigheann déanamh an bháid sin liom, tá cuma cómhdhlúth uirthe: curtha lé chéile go tiugh, fuinnte a thugas neart agus buaine dhi. Is iad go bhfuil an bheatha cheannuighthe aca gan leathadh an té aca ach bainne cómhdhlúth as stánaibh: bainne téachtuighthe, bainne tiughtha. Muna gcuirtear na buidéil go cómhdhlúth san mbosca beid ag corruighe 'sag cnagadh ar a chéile agus brisfear: fáiscighthe, tiugh ar a chéile gan neart corruighthe. Bhíos ag breith chugham féin a's me im aonar nuair bhreithnigheas an namhaid ag teacht do dhruim an aoird orm 'n-a ndíorma cómhdhlúth: 'n-a scata tiugh, tolgach, diongbhálta.

cómhdhlúthadh: *f.* (*-dhtha*) ráineachtain go tiugh, docht ar a chéile; cómhdhaingniughadh; cómhfhuaimiughadh dhá shiolla. Is fada roime sin go bhfeacthas cómhdhlúthadh ár gcomplacht poilitidheachta ar aon chúrsa sa Dáil ach ar an gCór nuadh so idir sinn féin agus Sasana anois: uaim: teacht lé chéile: aontas gnímh. Ní dhearna sé faic riamh ach beart éigin chun cómhdhlúthadhtha a charadais ameasc na ndaoine: chun a charadais do neartughadh agus do dhaingniughadh. Ag cómhdhlúthadh ó bhliadhain bliadhain seadh bhíonn an bharracht mhaith gurb eadh is deacra do bhriseadh leis an aois: ag dul i gceangal a's i ndaingineacht a bhíos sí. B'fhéidir go ndéanfaidís cómhdhlúthadh ar a n-easaontas lé heagla rómhainn: go dtiocfaidís d'aon bhuidhin go daingean, soranna. Níor dheacair móin fhuinnte do dhéanamh den mbrúscar san dá mbeadh aon chré cheart ann chun a cómhdhlúthadhtha: chun a fhásctha go docht lé chéile. Chaith Brian ag cómhdhlúthadh na nÉireannach in aghaidh na Lochlannach le bagairt a's lé mealladh: ghá mbreith chun a chéile d'aon bhuidhin gnímh.

cómhdhúthchas: *f.1.* dáil bheith ag baint leis an t-aon tír nó leis an dtreibh gcéadna; cómhoidhreacht. Ní fhéadfadh gan aon bhraon ceart fola do bheith i Seán Ó Néill a's a bhí in Eoghan Ruadh ó Néill – nár chómhdhúthchas iad: d'aon treibh: den dtreabhachas chéadna. "Budh cheart go mbeadh dúthchas maith ann" – "nách cómhdhúthchas sibh, budh cheart go mbeadh an mianach céadna ionaibh, bhur sinseanaithreacha an bheirt dreathár: tréith a sínfí ó thúismightheóir go clann. Éire ar gcómhdhúthchas: an bhuannacht chéadna dréir saoghaluighthe a's tógtha atá againn uirthe. Éireannach mise, sin cómhdhúthchas (fear cómhdhúthchais) dom: Éireannach eile. Lá a adhlactha bhailigh a chómhdhúthchaistidhe uile 'n-a shochraid: na daoine go léir a bhain lé n-a chinidh.

cómhfhaid: *b.2.* an fhaid chéadna d'aimsir nó d'achar; an eaga chéadna. Cómhfhaid, cóimhleathan an gort: is ionann an fhaid agus an leathad (leithead): tá sé cearnach. Dhein broc ar fad lé déidheanaighe de, cómhfhaid, cóimhleathad do: íseal, téagartha, beathuighthe. Tagann amacha (amanacha) den mbliadhain gur cómhfhaid lá agus oidhche: dhá uair déag a chluig san lá, an oiread céadna san oidhche. Tómhais an t-úrlár ar a chómhfhaid lé incil tómhais agus cuir uait na geámáidhe leis an riaghail: ar a fhaid ar fad. Teilgeadh amach as an ngluaisteán me lé neart an bhuailte agus síneadh ar mo chómhfhaid me: ní raibh aon phioc de thaobh áirighthe dhíom ná raibh anuas ar an dtalamh. Cómhfhaid an dá dhoradha dáthad feadh an ceann: an fhaid chéadna. Ars an t-ógánach muinghineach meastamhail air féin leis an seanduine bocht críonna cráidhte, "dá mbeinn do chómhfhaid-se ar an saoghal do bheadh bannc airgid agam": t'aois. "Cómhfhaid teas a's fuacht": tá a ghnóth féin díobh araon: an earraidheacht chéadna baintear asta araon: cómhmhaith, cómholc iad.

cómhfháiscim: *b.a.* táthuighim go dlúth, dingim go tolgach ar a chéile, iadhaim go dlúth, iadhaim dréir a chéile, go cóimhionann. Beag coinne bhí agam ar an slighe do chómhfháisceas na dóirse roimh dul a chodladh go bhfuadóchadh an ghaoth iad: an tslighe do dheineas iad d'iadhamh, agus daingniughadh do chur leó. Cómhfháscadh mo cheann a's mo ghéaga nár fhéadas me féin do chorruighe gan bac lé mé féin d'fhuascailt: fáisceadh nó ceangal go dian, docht, doscaoilte. Mara gcómhfháiscfir i mbun 'si mbarr an cófra tuitfidh a bhfuil ann as: é do dhaingniughadh go maith agus in ionannas lé tairngidhibh, téadánaibh, nó gléas éigin eile. Cómhfháisctear móin amach as an bportach anois le hinneall: díngtear ar a chéile na fóid a's teanntar an t-uisce aiste.

cómhfhlaitheas: *f.1.* ₇ *3.* cóimhrighe; saorstát; breis thalmhan. Siúd é go bhfuil an cómhfhlaitheas aige, chómhairigheas leathchéad bó ann, scata mór mart, capaill, gan trácht ar chaoiribh: fairsinge thalmhan a's gustal dá réir. Áitigheann daoine go bhfuil Éire anois chómh saor agus dá mbeadh sí n-a poblacht agus daoine eile go bhfuil sí i gcómhfhlaitheas Impireachta Shasana: na tíortha nó stáit shaora tiomarguighthe lé chéile chun cómhmhaitheasa agus cómhchosanta a chéile. Indiugh tá an chuid eile den líon tighe imthighthe ar a laetheantaibh saoire, agus beidh an bheirt againne i gcómhfhlaitheas: i gcóimhrighe: cóimhriar: cóimhriagalughadh: beidh árdcheannas nó rith an tighe leathach eadrainn.

cómhfhocal: *f.1.* focal go mbíonn dá fhocal nó breis cómhfháiscighthe ann, cómhnasc cómhainmnidhe, an chainnt chéadna. Cómhfhocal cainnte ní raibh riamh agam leis an bhfear marbh agus bréag a rádh go bhfeacthas me i gcómhrádh leis: oiread agus freagra nó ceist. Ar a ghabháil tharm do chaith sé cómhfhocal liom: do labhair sé nuair labhras leis: bheannuigheamair dá chéile. Cómhfhocal seadh an focal "cómhfhocal" féin, ceapuighthe as an réimhmhír "cómh" agus "focal". Dá fheabhas thug an chómhairle iarracht do thabhairt ar fhínéacht an taobh cosanta do thuargaint, do bhí na fínéithe go léir ar chómhfhocal: an chainnt chéadna do dhearbhuigheadar go léir. Fuair Sasana ar chómhfhocal ár dteachtaidhe i dtaobh deighilte an taoibh thuaidh ná beidís sásta go gcuirtí crích leis: ar an aigne chéadna: an rud céadna a bhí i mbéal gach aonne aca. Cómhfhocal an rud atá ráidhte agatsa agus an rud adubhairt sé siúd, an chiall chéadna atá libh araon: ar aon aontadh dhíbh. Cómhfhocal seadh "agus" idir "fear" agus "bean" san rádh "fear agus bean": focal ceangail a chialluigheas cómhthagairt. Cómhfhocail "cómharsa" agus "cách" dréir an scríbhinn diadha: gurb í an chiall chéadna atá leó gurb é aon duine do chómharsa.

cómhfhoclach: *a.* iomadamhail fé cómhfhocalaibh, cómhchainnteach. Furmhór na bhfilidhe lé linn Eoghain Ruaidh bhíodar cómhfhoclach, mórfhocalach: focail fhada cúmtha as dó nó trí fhocalaibh eile, mar "ró-fhad-fholt". Riamh ní bhfuaireas coimhtheach ná leacsteámarach an duine sin, ach go cómhfhoclach, lághach: cómhchainnteach: fiafruightheach, freagarthach.

cómhfhogas: [**cómhfhogus**] *f.1.* giorracht, athchomaireacht, cómhursanacht. "Tair i gcómhfhogas dom, go bhfaghad greim ar stuaic ort", ars an tuinncéir mná le n-a cóimhleacaidhe: i ngiorracht dom: in aice liom: in athchomaireacht dom. Tá dearmhad ort, níl aon aithne agam ar an té go bhfuilir ag tagairt do, ní im chómhfhogas do chómhnuigheann sé in ao'chor: im chómhursanacht. Duine aonair, uaigneach dob eadh me nuair thána san áit ar dtúis, ní raibh cómhfhogas gaoil agam lé haonne: giorracht gaoil, ioscad ghaoil, ceangal gaoil. Fan go fóill go gcuiread mo chómhfhogas in aithne dhuit, col seisir dom seadh í: gaol fola dhom. Budh gheairrid eile uatha na fir bhochta nuair bheadh na cosa aca bhíodar i gcómhfhogas dhá chéad slat don gcaladh, budh mhór an scropall choidhche iad do chailleamhaint: sin a raibh d'achar idir iad agus áit a saortha. An fada uainn Dún Chaoin? an bhfuilimíd 'n-a chómhfhogas fós?: 'n-a chómharsanacht. Áit chómhfhogas seadh an Blascaod, níl sé ach trí míle ó thalamh: áit na fuil rófhada ó bhaile. Is cómhfhogas Corcaigh do Bh'l'Áth Cliath ná Tráighlí: is giorra dho. Ceaca den mbeirt is cómhfhoigsce i ngaol duit?: is giorracht.

cómhfhoigse: *b.4.* cómharsanacht, athchomaireacht, bheith ar aiste nó dáil comórtais le duine nó rud. "Cad é an t-aos atá agat? an dathad?" – "ní headh, ná a chómhfhoigse, chúig déag ar fhichid": giorracht. Ar neart ná ar anál ní dóigh liom go rabhas riamh i gcómhfhoigse dho, na rudaidhe a chuireadh duadh agus saothar orm dheineadh seisean go sonaoideach iad: ní rabhas i dtánaiste dho: in aice do bheith chómh maith leis. I gcómhfhoigse na háite seo seadh chuaidh an Liúisaitéinia ar tóin puill: tímcheall an bhaill seo. "Ar mhnáibh áilne Chorca Dhuibhne níl neach i gcómhfhoigse lém mhnaoi", ars an gliog(aire) a's rian na dighe air: níor bh'fhéidir aon bhean eile do chur i gcómhnáird léi ar áilneacht: dob í rogha í. Dá mbeadh aonne 'n-a chómhfhoigse chun aire do thabhairt do

nuair tháinig an taom air b'fhéidir go dtéarnóchadh sé: 'n-a chuideachtain, 'n-a ghaor, 'n-a ghoire: 'n-a aice.

cómhfhortacht: *b.3.* soilgheas, sólás, sócamhlacht; lánfhuascailt, lánsheascaireacht, cóngnamh; ráineachtain faoisimh do thabhairt i mbuadhairt, i mbrón nó i ngéibhinn. [Cialluigheann an focal so ádhbhar éigin faoisimh, éadtromuighthe nó laguighthe ar an dtinneas ná bíonn ar ár gcumas an leigheas ceart iomláin do thabhairt air]. Fuaireas leitir indé óm mhnaoi bórdála, tráth, ghá rádh go raibh a fear tréis bháis; do ghoill a cúrsa orm, gur scriobhas ar an gcasadh san leitir chómhfhortachta chúiche ag déanamh truaigh agus cómhbhróin léi, ghá chómhairliughadh dhi foidhne bheith aice, agus má bhí aon rud im chumas a dhéanfadh maitheas di go rabhas ar a cur: ghá maolughadh a's ghá misniughadh: ghá bréagadh chun suaimhnis. Im luighe san ósbuidéal dom ar phleist mo dhroma ar feadh leathbhliadhna gan charaid gan namhaid do theacht im ghoire, an iongadh leat me do bheith déistinneach de dhaoinibh a's gan rian cómhfhortachta im chroidhe d'aonne go mbeadh aonnidh air?: motháilt a bhfeabhas-sa: motháilt chun maoluighthe a gceasnaidhe focal soilbhir, caoin nó lé beart mhaitheasa. Lagadh ní thagann ar an mbanaltrain (is í an eisceacht í) ach ag breith deoch te chugham, ag teanntughadh san leabhthan liom, ag breith leabhar lé léigheamh chugham, ghá fhiafruighe connus do bhím a's a lia cómhartha cómhfhortachta eile: ag tabhairt suaimhnis dom chorp agus soilbhreacht dom inchinn: ghom mhisniughadh, ghom spriogadh chun sláinte. Budh mhór an chómhfhortacht dom chroidhe bhocht, chéasta focal cneasta agus maoithneachas na ndaoine nuair fuair ceann an tighe bás: an maolughadh agus an míniughadh ar ghéire mo phéine. A Dhia Uilechómhachtaigh, as ucht do mhaitheasa, ar an uain dhéidheanaigh ná tréig me, tair i gcómhfhortacht m'anama ar an ndiall a's beir slan ar neamh me. Dá luighead í an mhírdhéirc do gheibheann na bochtáin fé réim Fhianna Fáil cómhfhortacht mhór seadh í, ceannuigheann sí beagán té, siúicre a's gannaidhe beaga eile dhóibh: cóngamh a's fuascailt ar ghearán. Aindeis, amadántamhail atá mo shaoghal caithte agam gan cómhfhortacht céile, clainne, ná tighe chun mo sheanchnámh do shíneadh ann im sheanóir liath dhom: seacaireacht, soilbhreacht: gan fiadhnaise na nidhthe a mhaolóchadh an crádh ionam, a chóngfadh me, a chuirfeadh misneach orm im ísle bhrighe. Is mór an chómhfhortacht do dhaoinibh baile móir geas agus aibhléis anois do bheith aca chun cócaireachta seachas bheith ag feitheamh lé teine d'adhnadh a's do chnadughadh: an suaimhneas a's an fhuascailt oibre é. Budh cheart gur bhean cómhfhortachta banaltra ameasc othar: bean go mbeadh an focal maith, misneamhail, caoin aice agus pras chun maitheasa do dhéanamh lé linn a ghádhtair.

cómhfhuil: *b.3.* comhfhogas fola; gaol fola. Sinn araon cómhfhuil a chéile, ón bpréimh chéadna shíolbhuigh ár sinnsear: an fhuil chéadna a's an dúthchas céadna atá ionainn. Cómhfhuil atá ionta má tá duine aca go maith ní fhéadfadh an duine eile aca gan bheith mar é: an mianach céadna fola.

cómhfhuilidhe: *f.4.* gaol fola, gaol. Cómhfhuilidhthe dob eadh Séamas Bán, an file agus na Conchubharaigh atá ar an mbaile annso againn fós: gaolta fola seadh iad. Cá bhfuil an té gur chóra dhom bheith níos ceanamhla air ná mo chómhfhuilidhe féin: an té go bhfuil an fhuil chéadna ann a's tá ionam-sa. "An de mhuinntir Dhonnabháin amháin sibh?" –

“seadh, cómhfhuilidhe seadh sinn”: daoine go bhfuil an fhuil chéadna ionta de dhruim eascair ón bpréimh chéadna an allóid. Is fada fairsing cómhfhuilidhthe na nGearaltach i Leath Mhogha: daoine a ling ón dtreibh chéadna san.

cómhfhuilidheacht: *b.3.* gaol trí fhuil, gaol aon treabhachais. Saghas cómhfhuilidheachta atá ’gem mháthair leó trí mhuinntir Chinnéide mar de Mhuinntir Chinnéide dob eadh a máthair agus a máthair san. Beagán den bhfuil chéadna: gaol sínte. Chuir sé isteach an gaol dom agus d’innis dom an chómhfhuilidheacht a bhí idir mo mhuinntir-se annso agus a mhuinntir sin a saoghaluigheadh i mBastún gurbh iad ár sinseanaithreacha an bheirt dhreathár: an gaol a thagas trí bheith ceangailte lé daoinibh leis an bhfuil gcéadna.

cómhgaire: (**cómhangaire**, **cóngaire**, “ón” anshrónach) *b.4.* goireacht, oireamhnacht, iomchuibhe, deise, caothamhlacht, comhgar (cóngar), coimhneasacht, gaobhar. Cómhangaire gaoil do bheir duit gur thug sé do chosa dhuit tréis beartha ort ag goid uaidh: comhfhogas gaol: gaol geairrid. Ní mór an t-eagla bheadh orm dul amach ar an oileán san mar mbeadh an lá andhona ar leithligh toisc a chómhgaire don dtalamh: é do bheith in athchomaireacht nó buailte nách mór leis an míntír. An dóigh leat gur cómhangaire dhuit an casúr in ionad an úird ag bualadh na carraige sin: gur oireamhnaighe é. Cómhgaire (cómhangaire) róthábhachtach dúinn seadh an t-uisce bheith chómh geairrid don dtigh: áis anmhór. Cómhgaire (cómhangaire) seadh an post do bheith ag fágaint an pharóiste dhá uair sa ló nuair bhíonn daoine iasachta ann: áis chun a gcuid leitreach d’árdach chun siubhail dóibh in am thráth.

cómhgar: [**cómhangar**] *f.1.* (foghruightear cómhangar) giorracht, athchomair(eacht), neasacht, goireacht, gaor, caothamhlacht, áis(eamhlacht), oireamhnacht; aithgiorra; an tslighe is giorra; gontacht (cainnte). Má ghaibhir an bóthar rianta tá aistear agus tímcheall mór ann ach má bhuailir treasna na sléibhte tá cómhangar mór ann: ciorrbhóchaidh sé do thurus deich míle ar a luighead: aithgiorra: achar níos giorra. “An té ná glacann cómhairle gaibheadh sé cómhangar”: an té ná héisteann lé cainnt go mbíonn deallramh uirthe agus croiceann na fuaimeanta déineadh sé a thoil féin. Na tiocfá an cómhangar chun na hoibre mar dhéanfadh duine go mbeadh eólas air, a’s gan bheith ag síonthaidheacht léi: an tslighe is giorra agus is céirdeamhla, a’s gan bheith ag siléig d’fhéachaint cad budh cheart duit do dhéanamh. Ar a fhaid atáimíd ag rámhaidheacht déarfainn go bhfuilimíd i gcómhangar talmhan anois: i ngiorracht do: nách fada uainn an talamh. Fan i gcómhangar an ghluaisteáin, bíonn bitheamhnaigh tímcheall a bheadh ag srathaidheacht aon rud a bheadh ar bóiléagar: ’n-a cómharsanacht: ’n-a tímcheall. Fág na h-adhlainidhe scríobhnóireachta i gcómhangar dom, ná beidh agam ach mo lámh do chur ortha an uair do theastuighid uaim: im aice. Éist annsan a’s ná cloiseadh aonne ag cainnt thu nó déarfar go bhfuilir oireamhnach do Thigh na nGealt, ghá rádh go bhfuilir chómh maith d’fhear ar dhorn leis siúd, nílir, mhuise, ná in aon chómhangar do: in aon ghiorracht: níl comórtas ná cosamhlacht eadraibh. “An bhfuairis, a dhochtúir, dhá mhíle púnt ar do líomatáiste gairme?” – “i gcómhangar dho”: an dá mhíle nách mór: buailte leis. Ní abróchainn go bhfuil sé na ceithre fichid ach raghainn i dtreis a ráidhte go bhfuil sé i gcómhangar dhá bhliadhan do: ná fuil idir é agus an sprioc ach an méid sin. Ars an t-Athair Ó hAodhgáin le Pádraig Ó Fireálaigh ar fheicsint do eisean ag marcaidheacht ar asal ’sag gabháil ó thalamh air d’iarraidh gabháil amach ar Ghoibil a bhí ar asal eile ag dul ag fritheáilt pósta

inghine dhuine aca lé mac an duine eile: “a Pheaidí, náire do chroidhe é bheith ag gabháil ar an ainmhidhe beannuighthe a iomchair ár Slánuightheóir go Beithil” – “a mhuirnín”, arsa Peaidí, “dá mb’é seo a bheadh aige, ní shroichfeadh sé choidhche é!” - b’shin cómhangar cainnte agat, más maith leat: gearr, gonta, bríoghmhar. “Mara bhféachaidh tú rómhat féin agus gan bheith scaiptheach ar dho chuid beidh dealbhas agus easbhaidh fós ort” – “más déirc a dheireadh dhúinn is breágh aorach an obair sin!” féach air sin de chómhangar: de chainnt fháidheamhail, cainnt ná fágann aon earball uirthe, gur deacair freagra do thabhairt uirthe. Cómhangar cainnte seadh a lithéid seo: “ná mol agus ná díomhol daoi, mar ná fuil saoi gan locht”: “is í an lámh a síntear do cáintear”, “ní raibh mór riamh ná beadh beag”: an dream is muinnteardha a bhíos lé chéile éirigheann eascáirdeas eatartha. B’fhuraiste dhúinn té do dhéanamh annso, féach na préamhacha craoibhe a dhéanfadh teine dá mbeadh na cómhangair eile againn: uisce, té, bainne, etc. Duine iargcúlta seadh ná bíonn ar chómhangar aonne, ní fheaca riamh i gcuideachtain é: duine coimhtheach. Ag cuimhneamh ar dhul thar lear do bheidhfeá a’s tú i gcómhangar do léithe: anbhuailte leis an bhfolt do bheith ag liathadh (lé haois). Dá mbeadh aonne ’n-a chómhangar a thógfadh é agus a bhéarfadh é mar a bhfaigheadh sé biadh agus teas théarnóchadh sé, ach ní raibh duine ná daon ’n-a ghaor: ’n-a chuideachtain: ’n-a fhochair. D’iarras iasacht púint air, dubhairt sé go bhfaighinn agus fáilte dá mbeadh sé ar chómhangar an tighe aige: dá mbeadh sé in ao’chor aige: ar chumas an tighe. Is fada buidhe go mbuadhfí orainn mara mbeadh breith i gcómhangar catha orainn, a’s ná raibh cead corruighthe againn: i dteannta: i ndraip in áit chumhaing nár leómhaidh dúinn cao iondrabhála. Is fusa do mhnaoi tighe i mbaile mór anois obair do dhéanamh i bhfad níos fusa ná fiche bliadhain ó shoin a’s na cómhangair go léir atá ar a cur: - innill nigheacháin, cócaireachta, geas, aibhléis, a’s a liacht gléas cómhnaimseardha: rudaidhe áiseamhla a luathuigheas obair a’s a éadtromuigheas saothar. “An té ná glacann cómhairle gaibheadh sé cómhangar”: an duine ná héisteann lé céill a’s fuaimeant deineadh sé a thoil féin. “An cómhangar chun an bhídh a’s mórdtímcheall chun na hoibre”, adeirtear lé duine leisceamhail gur beag ar obair a’s gur b’é a bholg is mó a bhíos ag cur duaidh a’s tinnis air. In ionad iad do thriadhail ’n-a nduine a’s ’n-a nduine gheárr sé an fhíneáil chéadna ortha in aonfheacht, ghaibh sé an cómhangar chúcha: an tslighe dob fhusa a’s budh ghiorra.

cómhangarach: (**cómhgarach**) *a.* caothamhail, oireamhnach, áiseamhail, deisbhéalach, fáidheamhail, luathfhreagarthach. Is minic do thabharfainn cuaird oraibh dá mbeadh bhur dtigh níos cómhangaraighe ach nuair tá sé deich míle uaim níl dul air sin: níos giorra: níos buailte liom: achar ná beadh chómh fada. Cómhangarach don nDaingean tá Dún Séan – dhá mhíle mar sin: geairrid do. Scaoilfidh an fear san uaidh ar bóiléagar, tá sé cómhangarach go leór do féin: neamhchaithteach: aireach ar an gcuma do chaitheann sé a chuid airgid: a bhail agus a mhaitheas féin roim aonne eile: neamhlaimhthighiseach. Aicme chómhangarach ach fothdhuine dhíobh ar leithrigh seadh na Franncaigh, i gcuideachtain díolann gach aonne aca as a chostas féin: cinnte, coingbhéalach: coigilteach. Ná bac aonne a bhíos róchómhangarach do féin, mar ná faigheann lámh iadhta ach dorn dúnta: an té a bhíos róleithleachais ná bíodh súil aige lé laimhthighiseacht ón bhfear thall. An mbeadh cúig nó sé phingnidhe mionairgid go ceann leathuairín ar do chómhangar agat?: áiseamhail: oireamhnach. “Tá an tlúth cómhangarach go maith annso agam” ars an bhean dhothigheasach le n-a céile nuair loirg sé rud le n-itheadh: ní fada ó

láimh é agus tá áiseamhail lé n-a chur ’n-a luighe ort. Ní tháinig aonne saor riamh ó n-a teangain sin, tá an leadhb anchómhangarach aice: pras ar fhreagra giorraisc do thabhairt ar dhuine. Is cómhangarach don dteangain tá cainnt agat: níl aon teip ort an freagra nó an tagairt ghiorraisc do bheith agat. “Loirgeóchad athchuinghe air, cé gur leasc liom é, mar is mion minic mo thriall air ag déircínteacht” – “mo chómhairle dhuit gan é do bhac, mar ná faigheann síoriarraidh ach síor-eiteach” – “is maith cómhangarach an chainnt í sin agat dom”: oireamhnach, cuibhe: deisbhéalach: cainnt go bhfuil blas uirthe. “Dá bhfanadh sé ’ge baile ní bheadh sé sa chinneamhaint a’s ní ghoirteófí é” – “cómhairle chómhangarach, neamhchogantach í sin”: cómhairle neamháiseamhail ná cosnuigheann faic í sin. Budh chómhangaraighe dhuit gabháil treasna an chnuic sin de chúig mhíle ná tímcheall bhun an chnuic: budh ghiorra. Dá mbeadh sé níos cómhangaraighe i ngaol duit ná a ceathair ’sa ceathair, dá mb’é do dhreatháir féin é, ní fhéadfá bheith chómh ceanamhail air agus taoi: níos giorra. Beir cómhangar ar an gcainnt, pé rud atá agat le n-innsint, neach ní thuigeann a bhfuil de scéaltaibh neamhthagarthacha dá tharrang(t) ort agat: bí athchomair, tagrach dod scéal. Cuma cad déarfainn leis míoshochmacht a’s íde bhéil do fuaireas uaidh, bhí sé róchómhangarach liom; d’éirigheas as: grodchainnt, agallamh nách mór go raibh blas na tarcuisne air: goirgeach liom.

cómhangaracht: (**cómhgaracht**) *b.3.* cómharsanacht, ar dháil bheith in aice; giorracht (aimsire, áite, etc.). I gcómhangaracht na talmhan bíonn breis shuaidhteacht ar an muir: in aice: buailte leis. Ní fhéadfadh sé gan bheith láidir teann a’s a chómhgaracht don dtalamh, níl sé thar chúig troighthe dhá órdlach ar aoirde: a ísle (dá bhithin sin neart do bheith ann). Tréis an fhliuchra san a theastuigh chómh mór san, budh chóir go mbeadh síolta i gcómhangaracht bhéil na cré anois: i bhfíorghiorracht do: in aice leis: lé feicsint beagnach. Cómhnuigheann an duine sin sa chómhangaracht againn; chuirfinn urchar méaróige ó n-ár dtigh go dtí n-a thigh sin: san gcómharsanacht: in aice linn. Is mór an duadh dhóibh uisce an tighe, bíonn ortha a tharrang(t) míle, níl tobar ná abha ’n-a gcómhangaracht: in aon bhall in aice leo. Dhearbhuigh an dochtúir nár bh’fholláin ná nár mhaith é cómhangaracht na dtighthe dá chéile, gur shláinteamhla iad do bheith scaipthe amach ó n-a chéile: foigseacht: ar dháil bheith buailte, múchta ar a chéile: goireacht, gaobhar. Tigh múchta thíos i ngleann seadh é, mo thuairm go gcuirfeadh sé cómhangaracht (ar mo chroidhe) orm cómhnaidhe ann: brughadh ar mo chroidhe de cheal fairsinge a’s aoir. Anocht ní bhrathaim go maith, tá cómhangaracht éigin tímcheall mo chroidhe: brughadh, teannadh: duadh: rud éigin atá ag cur air ná fuil sé mar budh cheart do. Suidh in aice liom annso ar an stól, ní bheir ag déanamh aon cómhangarachta: ag gabháil slighe a bhéas ag cur as do dhuine eile. Cómhangaracht ar aon tseómra suidhte, is cuma liom cá méid é, an iomad troscáin do bheith istigh ann: gabháil slighe a’s ag luigheadughadh fairsinge gluaiste a’s luadair: connlughadh. Sin mar bhíonn ag seanduine do shíor, bíonn sé ag déanamh cómhangarachta ar an óige in aon tigh go mbíonn sé: bíonn sé sa tslighe ar an óige: ní háil leó é. Cuirir cómhangaracht ar mo chroidhe léd chuid cainnte, cé nách dom atáir ag tagairt: cainnt ait gan cuibheas a ghoileas ar dhuine. Leis an gcainnt bhunoscionn a bhí ar siubhal aca tháinig cómhangaracht orm bheith istigh ’n-a measc: cainnt neamhcheart a ghoill chómh mór san orm ná féadfainn fanacht suaimhneasach, seascair aice. I gcómhangaracht na hoidhche tréis na gréine do dhul fé do bhuail chugham isteach fear nár fhéadas a cheannaghtha do bhreithniughadh ag

amhdhoireacht: i bhfíoraice na hoidhche. An bhfuilim ag déanamh aon chómhangarachta ort?: an bhfuilim sa tslighe ort.

cómhangaraighe: *b.4.* (**comhangaraidheacht**) goireacht, goire, dáil bheith sa bhealach nó sa tslighe ar dhuine; do bheith ag cur isteach air. Ná bíodh aon mhórdheabhadh ort, toisc cómhangaraighe do thighe, ní bheir i bhfad ag dul abhaile: a ghiorra slighe go dtí é. Seadh, sin í an tSamhain imthighthe, táimid ag dul i gcómhangaraighe na Nodlag: ag druideam leis an Nodlag. "An dtaithnigheann sé leat a chómhangaraighe atáim duit, nách bhfuil eagla ort go bhfeicead do chártaidhe?" – "dá chómhangaraighe bheidhfeá dhom tá folach agam ortha": a ghiorracht agus táim duit. Fan ó chómhangaraighe an tairbh nó is baoghalach gur tinn duit: ó chómhfhogus an tairbh. Áit chonntabharthach do leanbaidhibh seadh cómhangaraighe an tighe don bhfaill: a bheith buailte léi.

cómhgas: *f.1.* giorracht, athchomair(eacht); dlúthacht; gaolmhaireacht, clannmhaicne, gaolfhine, muinntir. Im dhírtheóch 'n-a measc dhom gan cómhgas gaoil ná duine labhartha ná éisteachta: gan neach go bhfuil cómhbhraon fola liom ann, im aonar ar fad. I rith an lae agus na hoidhche sin do dhruid an dá arm i gcómhgas dá chéile d'iarraidh cnuic aoird do bhaint dá chéile chun comhthrom catha do bheith aca ar a chéile: chiorrbhuigheadar an t-achar a bhí eatartha. Trí carraigeacha atá i gcómhgas dá chéile, mílte beaga ó chéile, an Tarbh, an Laogh 'sa Bhó: in aice a chéile. Dearmhad a rádh go bhfuil cómhgas idir na daoine go léir sa cheanntar so: gaolmhaireacht í go bhfuil braon de chuid fola a chéile ionta. Tháinig an ghráin 'ge n-a chómhgas uile air nuair channtáil sé talamh bochtáin deilbh: bhí náire ortha aon bhaint do bheith aca leis: a ghaolta go léir. Cé raghaidh ag triall ar chómhgaisidhibh do thórramh an duine mhairbh: gannaidhe an tórraimh mar pípeanna, tobac, arán etc.

cómhghabháil: *b.3.* breith le chéile; cóimhcheangal; ceangal d'aon uain; cómhtháth; ballnasc; cómhnascadh; ceannsacht, cómhaontas, cóimhréidhteach. Díreach agus iad ag cómhghabháil na peile phleascadar a chéile gan choinne a's goirtigheadh iad: ag tabhairt fé bhreith in aonfheacht ar an gcuid. D'imthigh cómhghabháil na téide a's an lín nuair cheangail cráin dhubh ann: an ceangal (an braighdín) a bhí eatartha. Cá bhfuil cómhghabháil an tslabhraidh seo? ní fheicim lúb ná tairnge ná aon rud go ngreamóchainn de é: an áit go gceanglófí. Lúdracha an dorais a's iad ag cómhghabháil na cómhlan a's na hursan: an rud a nascas dá chéile iad. Móirtisidhe rófhairsinge atá sa bhórd, is olc an chómhghabháil a bhéas ar a mháilidhibh: an greamughadh, an nascadh: an áit go ndlúthuightear lé chéile dhá smut nó blúire adhmaid. Is é a bhfuair sí de chómhghabháil ó n-a clainn i ndeireadh a saoghail tigh na mbocht!: de cheannsacht nó de ghrádh. Is maith mar chasann an bheirt amhrán ar an gcómhghabháil cheart; ní mór ná gur dhóigh leat ná beadh ach aonne amháin ag árdach a ghutha: uaim cheóil. Tréis mí ionnsaidhthe ar an gcathair theip an biadh agus an lón cogaidh ar an ndream sháidhte a's do dhein an namhaid cómhghabháil: thógadar an chathair. Sé locht atá ar na tairric (slabhraidhe nó téada tairngthe) ná fuil cómhghabháil ortha: ná fuilid greamuighthe ar chómhfaid. "Thairng sí tríd an siopa" a ceathrar mac sa chómhghabháil chéadna: chuir sí éadach a's uile ortha go léir den mhianach, dath, luach etc. gcéadna. Cuir cómhghabháil dheallramhtach ort féin a's ná feiceadh aonne me leat san gcalaithirt sin: gléas tu féin go galánta.

cómhghabhaim: *b.a.* gabhaim lé chéile, réidhtighim le, nascaim lé chéile. Cómhghaibh an líon den dtéid, oibrigh do chaighdeán nó ní chrochfaidh sé i gceart a's ní bheidh iascamhail: gaibh (croch) nó ceangail dréir a chéile é, an fhaid chéadna ó chéile gach aon dá shnaidhm, agus an fhaid chéadna i ngach cos snáthaigh. Cómhghabhtar (cómhghaibhtear) na capaill fén gcéachda: cuirtear lé chéile iad chun oibre: gaibhtear ar an gcuma gcéadna iad, gan comhthrom ag ceann aca ar an gceann eile. Ní le heagla a n-éaluighthe in ao'chor a bhí na bráigheanna cómhghabhtha agus crobhnasc ar gach duine, ach chun a gcéasta: gabhtha nó greamuighthe leis an gceangal gcéadna. Cómhghaibh an dá dhoradha so, cuir snaidhm dhaingean ortha: ceangail go dlúth iad. Chómhghaibheamair an bád raic in aonfheacht: rugamair ar an uain gcéadna greim sealbhtha uirthe. Chómhghaibh sí ar an madra bocht toisc ná déanfadh rud uirthe lé lasc a bhí aice: ghaibh sí go neamhthrócaireach air: bhuail sí go nimhneach agus go minic, trom.

cómhghabhálaim: *b.a.* táthuighim (táthaim); cóimhghreamuighim; cómhnascaim; beirim ar (lé neart); réidhtighim nó gabhaim le (in aontas). Teasbáinfead an tigh duit gur cómhghabháladh me ann lé linn an chogaidh: go rug mo namhaid orm ann agus gur dheineadar bráighe dhíom. Cómhghabháladh an míol mór annsan le téadaibh láidre coirche ar cheann a's ar earball, ar eagla go sungcálfadh sé: ceangladh go docht daingean cinnte é. Na dubháin nuadha atá ag teacht amach anois bíonn lúb anáirde ortha chun a gcómhghabhála leis an ndoradha: chun greama maith d'fhagháil air. Dá gcómhghabháladh do bhuidhean ceóil ní b'fhearr ná néadar bhuadhfaidís: dá gcanaidís breis i gcómhfhuaim. "Chómhghabháil sé go maith a bhád, for-inneall agus dhá seól i bhfochair maididhe" – "cómhghabhálfad-sa, leis, muis, ar an aiste chéadna mo bhád féin": an fearas, an críochnughadh céadna.

cómhgháir: *b.2.* $_{7}$ *3.* gáir mhór in éagcomhlann nó in easaontas nó i míoshásamh, éigheamh maoidhte, bróin, amhgair. D'aithnigheas ar an gcómhgháir ochlánaigh do chuala go raibh rud as an slighe a's gur bhéic uathbháis í: glam árd-ghutha. Scannruigh cómhgháir na ndaoine lucht na poilitidheachta i dtaobh aoirde an chostais maireachtana: an gheóin chainnte do dheineadar ag cur 'n-a choinnibh dóibh. Thóg na daoine cómhgháir do bhain mac alla as na sléibhtibh le háthas go raibh an lá lé n-a gconntae: glam. D'éirigh an oiread san cómhghártha ameasc na coitchiantachta in aghaidh Bhille na Talmhan gurb éigean dóibh é do chúladh: gáir mhíoshásta. Cómhgháir na ndaoine nuair d'fháiltigheadar roim an Uachtarán (na hÉireann) budh dhóigh leat go dtógfadh sé mairbh as uaigh, budh chómhchlos mílte ó bhaile é: an ghlam árd, scairteach do leigeadar lé corp áthais. Ní fhéadfadh an riaghaltas cómhgháir na ndaoine d'fhoidhneamh gan rud éigin do dhéanamh chun a bhfuascalta: béic neamhthaobhuightheach na ndaoine. Chloisfeadh duine i mullach an chnuic cómhgháir an lucht féachta gen gcaid: an bhéiceach a bhí aca ag móradh na n-imirtheóiridhe. Ar bhualadh amach as an eaglais 'sa chéile oscal in oscail aige, do leig a bhfeacaidh é cómhgháir mhaoidhte a's áthais: dhein faoidhreach mhaoidhte: gáir nó glór chomaoineach ar theagmhas chómh sona san do.

cómhgháirdeach: *a.* áthasach, áthastamhail, meidhreach, bródmhar, cómhmhaoidhteach. Labhair gach aonne go cómhgháirdeach leis i dtaobh an chuirn snámha do

bhuadhachtaint: ghá rád so a's súd, a's súd a's so, gur dhiaill an fear é a's gur mhór é a ghníomh: moltach, meastamhail as. Do bhí a mhuinntir sin agus a muinntir sin go cómhgháirdeach nuair phós an bheirt: bhí lúthgháir ar an dá thaobh: áthas a's meidhréis. Ar an dá thaobh den Mhuir Mheann tá na daoine cómhgháirdeach mar gheall ar an gcor nuadh so atá sighnighthe idir Éirinn agus Sasana: tá éirghe croidhe agus áthas mór ortha.

cómhgháirdeachas: *f.1.* áthas, éirghe croidhe, faoilidh, glionndar, lúthgháir, seaghais, ráinceachtain áthais do chur in iúil ar mhaith dhuine eile nó ar theangbháil ruda éigin shochraigh. Phós sé a's rinne gach aonne dá aitheantas cómhgháirdeachas leis: chuireadar in iúil do gur chuir sé áthas ortha go ndearna sé an bheart san. Is beag duine a dhéanfas cómhgháirdeachas leis as bheith chómh bruigheantach: a déarfas leis go dtaithnigheann sé leó, ná a chuirfeas áthas 'n-a thaobh in iúil dóibh. An dóigh leat gur brón a bhí air gur ghoirtigh sé cos an imirtheóra eile? Ní headh in ao'chor ach cómhgháirdeachas: lúthgháir, meas aige air féin 'n-a thaobh. Beidh cómhgháirdeachas orainn go léir sa Dún má chaithir seachtmhain 'n-ár measc, mar is ionmhain lé croidhe gach duine thu. Ar chlos dom gur rith leat duais do bhuadhachtaint do chuir sé cómhgháirdeachas cléibhe orm: do chuir sé áthas dochuimsighthe ar mo chroidhe.

cómhgháire: *b.4.* gáire choitcheann, gáire i bhfochair, fonmhóid coitcheann. Tháinig náire ar an bhfear mbocht nuair b'eól do gur fé n-a bhacaighe d'árduigh an sluagh cómhgháire: gáir fonmhóide. Chualathas ar fuaid an chruinnighthe an chómhgháire a dhein an sluagh nuair dubhairt an cainnteóir mara mbeadh Sasana go bhfaigheadh Éire bás: an gáire a éirigh as béal a chéile. Bhain an mhaig a bhí ar a hata cómhgháire as an bpobal, oiread san de chuma an rascaire air: fonmhóid gáiridhe ar an uile dhuine.

cómhgháirim: *b. n-a.* gáirim i dteannta, i bhfochair, in aonfheacht (le). Dá me thu ní chómhgháirfinn in ao'chor leis an gcóip neamhmeastamhail sin fé aindeiseóir bhocht gan chéill: ní luighfinn leó ag déanamh magaidh fé. Cómhgháireann sé mar chómhghoilfeadh sé nuair chidhfeadh daoine eile ghá dhéanamh, ní leis féin a ghol ná a gháire: d'árdóchadh sé a ghlór d'fhonn bheith lé cách gan aon toil dá chuid féin aige. "Budh mhithid dhíbh bhur ndóthain a bheith cómhgháirithe anois agaibh fém gheámaidhibh", ars an cleasaidhe, a's chuaidh i dtrithidhibh obanna gur chómhgháir an sluagh go léir airís: gur bhriseadar go léir amach ar gháiridhibh dubha athuair.

cómhghairim: *b.a.* glaodhaim lé chéile, cóimhthionólaim, cómhdháilim. Cómhghairmeadh cruinniughadh de Choisde Gnótha Chonnartha na Gaeilge chun cómhagallaimh do dhéanamh ar lamháilt cluichidhe gallda bheith ghá chleachtadh ag connradhthóiridhibh: glaodhadh le chéile iad: cuireadh rabhadh chúcha go mbeadh cruinniughadh ann ar an dtoisc sin agus go raibh súil leo ann. B'é sin an lá deireannach do cómhgháirmeadh an tSeanaid: do glaodhadh le chéile chun cruinnighthe gnótha do bheith aca. Buaileadh a béal fén mbád, a's chloisfeá a raibh innte faid na feidhle – chomhghairmeadar go léir ar Dhia iad do shaoradh: bhéiceadar in aonfheacht ós árd.

cómhghairm: *b.3.* glaodhach nó béiceach i dteannta a chéile; cómhghol; fórfhógradh nó fios chun teacht ar chómhdháil, nó ag cóimhthionól na cómhdhála. Chuirfidís truagh agus maoithneachas ar do chroidhe bheith ag éisteacht leó ag cómhghairm Dé le hocras agus

easbhaidh: ag glaodhach go truaighmhéileach air. An chómhghairm a rith fén dtigh, ag fógairt don gcathaoirleach an chathaoir d'fhágaint, nár thaithnigh sé leó, bhain sé smúit as na fallaidhibh: an chóimhbhéic: gach aonne ag labhairt go glórach ar aon uain. Fuaireas cómhghairm indiugh dul ag freastal cruinnighthe a fearfar i dTráighlí i dtaobh aiste olc ár mbóithre. Pioc leithscéil níl ag aon teachta gan bheith láithreach ag an gcruinniughadh so, do cuireadh an chómhghairm chéadna i gceann gach aonne dhíobh in am thráth ghá ngoire annso: an glaodhach céadna. Tá an sagart paróiste as baile an aimsir seo, tá cómhghairm cléire 'n-a suidhe i bpalás an easbuig i gCill Áirne: cóimhthionól nó teacht lé chéile na cléire chun gnóthaidhe eagailse do chriathairt.

cómhghaol: *f.1.* duine geairrid i ngaol; an gaol céadna, cómhfhuil, treabh, muinntir, treabhachas. Cómhghaol dom seadh thú féin agus an duine seo; tusa mac mo dhreathár, é seo mac mo dhribhshéar: an ioscad, an ghlúin chéadna gaoil: an ceangal céadna fola atá eadrainn. Mo mhairg is air ná fuil an t-easbhaidh cómhghaolta sa cheanntar, is ann do phréamhuigh a shinnsir ar gach taobh na fichididhe glún siar: daoine go bhfuil gaol aige leo: an fhuil chéadna ag rith 'n-a bhféitheannaibh go léir. Cómhghaol dúinn ár seanathair: an cómhfhogas céadna fola dhúinn leis.

cómhghluaiseacht: *b.3.* gluaiseacht nó mórchorruighe in aonfheacht, gluaiseacht mhór, fhuinneamhail; an méid chéadna siubhail. Lé cómhghluaiseacht lé carraig lé faill do scrios sí ar bhuail fé n-a léighe: an t-imtheacht mear, fuinneamhail. Cómhghluaiseacht do dheineamair adéarfainn ó fhágamair an baile, ní raibh neachtar againn ag rith ná ag sodar: an oiread céadna siubhail nó corruighthe. Agus me im gharsún bheag dob aoibhinn liom féachaint amach ar muir maidean Bhealtaine ag amharc cómhghluaiseacht na cabhlaighe iascaigh a bhíodh ann - báid ón bhFrainnc, ó Oileán Mhanann a's ó Chill Mhantáin: iad go léir go cómhsnághach fé sheól: iad mar bheidís ag corruighe le h-ionnanas cómhachta. "Cad é do thuairm fén ngluaisteán san?" – "go maith; taithnigheann a chómhghluaiseacht liom": an tslighe réidh chéadna luastair fé. Ar chómhghluaiseacht dúinn ráinig an bhúntáiste agat orm mar bhís céad slat chun tosaigh orm: ar corruighe dhúinn ar an uain gcéadna.

cómhghonadh: *f.* (*-nta*) croidhebhrughadh, brón; doilgheas, aithmhéala. Dá mbeadh an cómhghonadh san air do leigeann sé air do bheith air 'n-a pheacaidhibh tuige nách ndéineann sé leórghnímh sa díobháil do rinne sé orm-sa?: doilgheas, brughadh, aithrighe. Chuirfeadh bás obann gan choinne mar bádhadh lán luinge cómhghonadh ar chroidhe aonne: brón trom a's athtuirse. An dóigh leat gur leanbh i gcóta cabhlach me, nó go bhfuilim chómh saonta agat a's go gcreidfinn go bhfuil cómhghonadh ar chroidhe chomh calcuighthe a's mhairbh fear i bhfuil fhuair?: aithreachas: doilgheas: aithbhirt nó imdheargadh an choguais. [Doiligheas as pheaca nó mioneasmailt, cómhghonadh as thromchorthaibh]. Ón lá úd do mhairbh sé an leanbh lé faillighe tá cómhghonadh ar a chroidhe istigh: brón a's duairceas ithteach.

cómhghrádhthuightheóir: (**cómhghráidhtheóir**) *f.3.* cóimhéiligtheóir grádha. Dá bpósadh sí do chómhghrádhthuightheóir, dá méid cion do leigeann sí uirthe do bheith aice ortsa, ní bheadh iongadh tríd orm, mealltóiridhe seadh mná: dá bpósadh sí an fear eile atá ghá héileamh mar taoi-se. Budh líonmhar iad na cómhghrádhthuightheóiridhe ban

a bhí ghá fhéachaint lé chéile chun a shealbhuighthe: mná a bhí ar thóir an fhir chéadna: cómhchomórtasaidhthe.

cómhla: *b.4.* (*iol.* cómhlacha) fonnadh adhmaid nó adhbhair éigin eile a osclas is a dhúnas i mbéal tighe, nó i ndoras tighe. Cómhla dhorais, cómhla chómhrann, cómhla fuinneóige, biorchómhla (cómhla ar ghlas uisce): sínteán mar bhead ag iomchar duine mhairbh, duine gan luadar (dá mbeadh goirtighthe, i laige etc.), sciath. Tigh gan áird seadh é, gan cómhla ar aon doras ann ach cómhla na haindeise: an fonnadh adhmaid nó eile a oireamhnuigheas don doras chun síne do chosaint a's gan an teach do bheith béalanáirde. Bhaineas an t-amharc deireannach as cheannaghthaibh m'athar sar ar tairngeáladh an chómhla ar a chómhrainn: sar ar daingnigheadh an clúdach adhmaid uirthe a fholuigh a béal. Cuireadh cómhla uisce ar an sruth chun an uisce do chosc a's d'iompódh i leathtaoibh pé uair dob áil an muileann do chur 'n-a stad. B'é an chómhla chosanta i mbun báire é, dá ngiorracht do théidheadh sí, agus théidheadh sí geairrid go maith uaireannta do dhul idir na cuaillidhibh do sháruigheadh sé an liathróid: sciath chosanta. A Dhia Mhóir, athchuinghim ort, as ucht do mhórthrócaire, díonchómhla do dhéanamh dom lé linn mo bhuadhartha: cosaint shlán. Níor bh'fearr(a) do chuid des na siopadóiridhibh rud do dhéanfaidís ná na cómhlacha do chur ar na fuinneógaibh aca maidir leis an ndíoltachán do dhéinid: clúdacha adhmaid nó iarainn.

cómhlach: *f.1.* caomhna, comrádaidhe, cómhalta, cómhshaighdiúir. Bhítheas ghá chluicheadh a's ghá thóraidheacht ó chnoc go cnoc tréis a chómhlach go léir do mharbhughadh i dTroid an Mháma, fiche fear aca: guallaidhe: duine a chaitheas tráth a's aimsir i gcuideachtain dhuine nó dhaoine eile: seise: cómhshaighdiúir. Ar scoil, tréis scoile, san obair chéadna nuair éirigheamair suas 'n-ár bhfearaibh, cómhlaigh dob eadh sinn go lá a bháis-sean: beirt a luigh le chéile i gcoimhdeacht a's i gcómhluadar. Cómhlaigh mhaithe seadh iad, bíd do shíor i gcuideachtain a chéile gan easaontas ná imreasán: daoine a thaithigheas a's a choimeádas cuideachta a's muinnteardhas a chéile. Bádhadh annsúd é os chómhair súl a chómhlach a's ná féadfaidís lámh ná géag do thógaint chun a shaortha: na daoine a bhí 'n-a fhochair de chion na huaire sin.

cómhláine: *b.4.* foirbhtheacht, lándéanamh, iomshláine, lánchríochnughadh. Ó tá an obair críochnuighthe againn anois ní misde dhúinn ar son slachta cómhláine do chur uirthe in aon áit ná fuil sí chun ár sásta: gan aon locht d'fhágaint uirthe: í do bheith ar fheabhas. Tugann daoine seafóideacha ortha féin mórán rud do dhéanamh gan cómhláine do chur ortha, go bhfágaid iarsma nó easnamh éigin ortha: críochnughadh iomlán. [Cómhláine oibre; deireadh caibidil, leabhair etc.: críochnughadh conspóide: déanamh bearta: cóimhlíonadh tarangaireachta: sroicheamhaint airleóige; gnóthughadh tionnscnaidh]. Cómhnuighim liom féin i seómra cómhláine: seómra ná fuil aon rud in easnamh air maidir lé troscán etc. D'fhéadfadh tigh iomshláin do bheith ag duine agus gan aon tseómra amháin cómhláine: an uile rud do theastóchadh do bheith ann do bheith ann - na gannaidhe go léir. Thaithnigh cómhláine an tighe leis nár bh'aon leisce leis an méid do hiarradh ar an dtigh do thabhairt air: an chuma shlachtmhar a bhí ar gach aon rud ann agus gach aon rud d'iarrfadh do shúil ann.

cómhlámh: *b.2.* cómhoibriughadh, cóimhbheart, cómhgar catha, cómhoiread gnímh nó sochair. Dearbhuighim duit, pé duine a thóg nó nár thóg do mhealbhóg airgid ná raibh aon cómhlámh agamsa innte: aon bhaint i bhfochair duine (daoine) eile: ní rabhas rannpháirteach sa ghníomh. Cómhairigh a thuilleadh airgid chugham, níl cómhlámh agam fós, fiche púnt ag an uile dhuine agaibh-se a's gan fachta agam-sa ach ocht bpúint déag: an oiread nó an tsuim chéadna. Mo chómhairle dhuit i dtúis do shaoghail duit, faid d'fhágfaidh Dia braon it shúil gan cómhlámh do bheith agat in aon bheart náirigh: gan do chead, t'aontughadh ná do mholadh do thabhairt di. I gcómhláimh do rinneadar an ghadaidheacht: i dteannta a chéile. I gcómhláimh beaignitidhe do dhein sé scrios ar an namhaid: i gcómhangar troda beaignitidhe.

cómhlán: *a.* lán go smig, go faobhar, anlán, iomlán, cóimhlíonmhar. Cómhlán don dá árus, dhá ghallún uisce i ngach ceann aca: an oiread céadna leachta atá ionta. Cómhlán an sac, ní raigheadh crobh eile plúir ann: lán palcuighthe go béal: faobhar lé faobhar. Ar theacht i gcaladh dhúinn bhí an barra taoide cómhlán: chómh líonta a's b'fhéidir é do bheith. [Ar mbeidh don muir 'n-a tráigh sara gcasann sí ar líonadh (thuile) deirtear go mbíonn sí idir an lag 'sa lom]. Braon eile uisce ní fhéadfadh an bhó d'ól, bhí sí cómhlán: lán ar fad: oiread agus d'fhéadfadh a goile d'iomchar. Dá cháiréisighe bhí sé ar gach máille den mbórd ní dheárna sé obair chómhlán: obair chríochnuighthe, snasta, gan "earball".

cómhlann: *f.1.* ₇ *b.2.* comórtas nirt, cómhrac, cath, coimheascar, ráineachtain troda. Ón lá gur baisteadh "Muiris an Chipín" ar Ghearaltach an Leitir Iubhaigh ní as chómhlann aon fhir ach as chómhlann beirte, bhí beart ghá ionnsaidhe: troid le claidhtibh. Tugadh cómhlann dos na Dubhchrónaigh ar an machaire seo, gur marbhuigheadh suim fhear ar gach taobh a's gur cuireadh an briseadh ortha san: cath: troid fhuinneamhail lámh ar láimh. Má tugtar ceart cómhlainn dom raighead ag dórnáil leis: comhthrom na féinne: cómhchomhthrom: comhthrom córach. Cad do chuirfeadh eagla orainn? ná raibh fear cómhlainn míle ag imirt ar ár dtaobhna: fear a imreóchadh leis na sluaightibh de shaghas ár bhfreasabhraidhthibh. Is fada a bhí ag rith leis an mbuailimsciath ag cur eagla amach ar gach aonne gur bhuail a chómhlann leis indé, a thug liúdráil an anama dho: a chomórtas (d'fhear): a chómh: fear a dhiongbhála.

cómhlannach: *f.1.* gleacaidhe, comhairiceóir, gliadhaire. Ghluaiseadh cómhlannaigh na seanaimsire (hallóide) in oirear dhlúth chun catha, a mhalairt riartha ar fad ortha anois, in oirear scaipighthe do ghluaisid: gleacaidhthe: fir throda. Cuireadh scéala chugham féin agus chun mo chómhchómhlannach an baile do ghéilleadh don namhaid nó go gcuirfidís trí theine é ach ní stríocfadh neach aca: na fir a bhí ag troid lém thaoibh a's im fhochair.

cómhlánuighim: *b.a.* críochnuighim gan earball gan easbhaidh gan iarsma (ar an ngnóth, an obair, an tionnscnadh etc.); snasuighim, foirbhighim, cóimhlíonaim; líomhaim. Cómhlánóchad an fhuinneóg so nuair bhéas eaga agam air, tá gaisce agus plánaidhe ag teastáil fós uaithe sara mbíonn críochnuighthe agam: cuirfead an críochnughadh iomlán, ceart uirthe go mbeidh sí gan aon easbhaidh. Ar chómhlánuigh sé an uile rud do gheall sé? marar dhein bíodh críoch lé n-ár margadh: ar thug sé chun críche iad. Cómhlánuigheadh tigh na scoile istigh 'samuigh san mbliadhain nao gcéad déag a

ceathair déag: tógadh í agus cuireadh troscán scoile, léarscáileanna a's an uileghanna scoile innte oireamhnach chun oideachais do thabhairt do scoláiridhibh.

cómhlocht: *b.3.* an locht céadna; locht chómh holc lé locht eile. "Ní mise a bhris an lóchrann", arsa Séamas, "ní mise a bhris é", arsa Seán. "Éistidh"", ars an mháthair, "cómhlocht atá oraibh": duine aca chómh cionntach leis an nduine eile. Cómhlocht olc iomad báistighe agus iomad triomaigh do bharaidhibh, lobhann ceann aca agus feódhaidhigheann an ceann eile. Cómhlocht na sluagh, an braon: locht atá ar fhurmhór daoine seadh bheith ag ól thar ceart.

cómhluadar: [**comhluadar**] *f.1.* coimhdeacht; coidreamh, cuideachta, camplacht, cuallacht, cóip, cuibhreann. Scaramair cómhluadar nuair nochtas gur mé a bhíodh caillte lé gach toisc go mbímís air: suas a's anuas muinnteardha: dáil bheith i bhfochair nó i gcuideachtain a chéile: baint mhuinnteardha lé chéile. "Inns dom do chómhluadar agus innseóchad duit cé thú féin": inns dom na daoine a choidrighir: go mbír 'n-a ngnáththeannta. B'fhearr(a) dho dhuine go mór agus go fada do bheith leis féin ná i ndrochchómhluadar: do bheith 'n-a aonar ná bheith i gcuideachtain nó i gconbharsáid olc. Mara an misde dhom a rádh leat, is amhlaidh mar tá ag slíomadóir mar thusa – cos le gach cómhluadar agus lámh lé gach lucht: níl ionat ach Tadhg an dá thaobh. D'ólfainn fíon Spáinneach i gcómhluadar shéimh: ameasc cuideachtan nó cruinniughadh daoine a bheadh ag déanamh aoibhneas lé cómhrádh suairc, deisbhéalach. Ná fuil aonne id chómhluadar ó Éirinn annso i Lonndain?: id dháil: in aonfheacht leat: léd chois: id theannta. Mholfainn duit malairt cómhluadair do bheith agat seachas an trufais leabhar san: coidreamh: rud a bhéarfadh cuideachta do dhuine. Má bhí duine riamh i gcómhluadar gan cuideachta budh me é, a's sé fichid fear againn in aon bhothán mhór amháin, ní itheadh aon bheirt i gcuibhreann agus ní raibh de chómhrádh eadrainn ach "seadh" nó "ní headh": conbharsáid nó bualadh daoine lé chéile. Beidh cómhluadar ar cuireadh anocht chun séire againn, chuirfeadh sé áthas orainn dá luighfeá leó: aoidheanna. Gach aon deallramh gur b'é toghfar d'ionadughadh an cheanntair, is fairsing a chómhluadar san áit: a lucht leanamhna: a chuallacht. Casadh ar chómhluadar óil é a's faid d'fhan pingin 'n-a spaga níor scar leo: cóisir, dream gur bh'é an t-ól a dtoisc ar an uain sin. An té a íosfadh baighreán i gcómhluadar an diaill níor mhór do spionóg fhada do bheith aige: i gcuibhreann an diaill: ar chóimhitheadh leis. Díogha gach cómhluadair droichbhean: ní fhéadfadh baint ná conbharsáid do bheith ag duine le neach is measa. An cuimhin leat Seán an lá úd? i gcómhluadar na naomh go mbí a anam indiugh, do b'é an chuideachta shuairc é: ar fhoirinn na naomh: 'n-a measc: ar neamh. Tor madra níl agam-sa ort féin ná ar do chómhluadar dá mbeadh a oiread eile agaibh ann ag éirghe as thóin a chéile: do lucht leanamhna. A chómhluadair, mar tánn sibh ann, éistidh lém scéal grinn: an uile dhuine atá ag éisteacht liom. Chaitheamair seal fada, an bheirt againn, gan aonne chughainn nó uainn ag déanamh cómhluadair dá chéile: ag déanamh cuideachtan: ag cómhrádh go soilbhir.

cómhlucht: [**comhlucht**] *b.3.* buidhean chuibhrinn; líon tighe; líon oibre; líon nó camplacht gnótha, cúraim, nó tráchtála, cómhpháirtidhthe, caomhnaidhe, cómhghuallaidhthe. Rug an saoiste ar sclábhaidhe a's gan faic dhá dhéanamh aige, briseadh ar an bhfód é ach cad deirir nár éirigh a chómhlucht amach ar stailc a's ní

raighidís ar ais gur athfhostuigheadh é: a chómhoibridhthe: a chómhsclábhaidhthe. Do bhí cómhlámh ag cómhlucht mhór sa tsiopa cómhair: buidhean a bhí i gcuibhreann gnótha an tsiopa. Tháinig ochlán a's cumha ar chómhlucht ár dtighe-ne nuair léigheas do leitir dóibh go raibh t'athair tréis bháis: muinntir an tighe: an líon tighe. Bhailigheadar lé chéile i gcómhlucht oibre chun leasa agus maitheasa sclábhaidheachta: i mbuidhin. Ar thugais fé ndeara an ceathrar a bhí bailighthe tímcheall fhir chleasa na dtrí gcártaidhe mar iompuigheadh gach nduine aca an cárta ceart, chun an tsluaigh do mhealladh é sin, cómhlucht do dob eadh iad: dream a bhí rannpháirteach 'n-a chleas. Cómhlucht seadh an Almáin agus an Iodáil anois: tá cómhar cosanta a's ionnsaidhthe eatartha.

cómhluighe: *b.4.* cómhmhóid, connradh sholamhanta, cómhar, cómhchogar, cóimhshíneadh. B'éigean do cheathrar againn cómhluighe in aon leabaidh le heasbaidh leapachais a's fuacht na hoidhche: luighe nó síneadh i bhfochair a chéile. Mná atá ann agus mná gur beag aca cómhluighe le fear: dul ar chóimhleabaidh leis. Dheineadar cómhluighe os chómhair na cúirte ná troidfidís choidhche airís: thugadar cómhmhóid: thugadar an gheallamhaint chéadna fé bhrigh na mionn. Rinne Dia cómhluighe ná milleadh sé an domhan choidhche airís trí shaoghal na saoghal, le tuile: thug Sé A bhriathar bríoghmhar. An lá fé dheireadh sighineadh cómhluighe tráchtála, cosanta etc. idir Éire agus Sasana: aontas, cor, connradh. Foireann éagcráibhtheach a tháinig lé chéile a's do dheighil uainn i gcómhluighe an slios d'Éirinn go dtugtar Éire Tuaisceart air: a chómhchruinnigh d'aon láthair a's a bheartuigh go fealltamhail, malluighthe, díomasach Éire do dheighilt 'n-a dhá cuid. Dhearbhuigh sé gur theastuigh iomscar a mhná uaidh agus mar dheimhniughadh neimhdhílse go rug sé i gcómhluighe fir eile uirthe: i bhfochair fir eile ar aon leabaidh chodlata. Tá an cómhluighe ortha gan scéitheachtaint choidhche ar a chéile: tá na dromanna dubha curtha aca ortha dís ná hosclóchaid choidhche a mbéal ar an rún atá aca nó aca ar a chéile.

cómhluighim: *b.a.* luighim nó sínim lé, cuingrim, sáimhnighim, coidrighim, cothuighim le. Cómhluighfeam in aon leabaidh, óir ná fuil an dara ceann le fagháil, toisc a bhfuil d'aoidheannaibh san ósdlann: luighfeam lé chéile. Cómhluigh do neart lém neart-sa agus déanfam níos fearr ná gach aonne dho féin: cuir do neart lém neart-sa. Ní chómhluighfinn libh a phaca allfraitsidhthe, mara mbeadh aon chómhluadar eile in Éirinn ach sibh: ní raghainn in bhur gcuideachtain: ní bheadh coidreamh ar bith agam libh. Chómhluigh an t-eascal an choill dá mhéid achmhaoine a bhí 'n-a crannaibh móra: leag sé agus shín sé iad uile: do scrios sé iad.

cómhlúth: *b.3.* an oiread nó an lúth chéadna, gluaiseacht, luchtóireacht. Cad chuige go bhfuil sé ag cómhlúth grin? lé cur trí bharrachtáil le haghaidh tighe do thógaint: ag iomchar ghrin. Nách mall an cómhlúth bídh seantraen an Daingin seachas gluaisteán a's trucail: iomchar bídh ó áit go háit eile. Bhíodh loingeas mór aca le linn an chogaidh chun cómhlútha na sluagh saighdiúiridhe a bhíodh dhá chur 'on Fhrainnc: chun a n-iomchair (iomchara) sall. Dá mb'fhéidir an dúrnóg charraige do chur i gcómhlúth in ao'chor, as go bráth léi, mar tá sí ar fhánaidh: do chur ar corruighe siubhail. Ní mór ná gur cómhlúth cú agus girrfhiadh, beireann an chú air agus is minic ná beireann: an lúth nó an luas nó an siubhal céadna aca: sáinrith.

cómhmhaith: *b.2. 7 5.* comórtas, cómh, dáil bheith ar aon aiste feabhasa, cómhthrom cóimhdheise, cóimhchéim, oiread. Do chómhmhaith d'fhear níor bhuail riamh liom agus inneósfad fáth mo labhartha, gheibhim an chainnt uait, gheibhim subháilceach, fial, macánta, galánta, deagheólais thu: duine atá chómh maith leat: do comórtas: duine dob fhéidir do chur i gcómhnáird leat. "Tá céad púnt agamsa le caitheamh ar an leabhar so do chur i gclodh" – "tá a chómhmhaith agam-sa": tá an oiread céadna airgid agam-sa lé cur sa tionnscal. Biadh cómhmhaith seadh toradh don ngoile: biadh ar fheabhas. Cómhmhaith gabáiste mar ghlasra is deacair do shárughadh: glasra chómh folláin do chorp an duine leis. Gheall sé go dtiocfadh sé ar thráth áirighthe, chómhmhaith do tháinig: dréir a gheallamhna do rinne sé teacht. "Bead-sa ann gan teip" – "bead-sa ann cómhmhaith céadna": freisin: leis: maidir leat.

cómhmhámas: *f.1.* dáil phósta. Níl cead a chos aige chomh mór a's bhíodh sara raibh sé i gcómhmhámas, is cosamhail gur uirthe féin (an bhainchéile) atá an triubhas (nó an bríste): pósta lé mnaoi.

cómhmhaoidheamh: *f.1.* (*-dhimh*) cómháthas, áthas coitcheann; cómhgháirdeachas; lúthgháir. Cúis cómhmhaoidhte do mhuinntir na hÉireann seadh an cor tráchtála, cosanta etc. atá daingnighthe againn le Sasana: cúis áthais do gach aonne i ngach aon áit. Teóra ní raibh lé cómhmhaoidheamh an dá líon tighe gur b'iad a mbeirt fhear óg do moladh ar imirt: bhíodar ag léimeadh as a gcorp lé háthas a's ag moladh 'sag cómhmóradh na beirte ar a ngaisce 'sa bhfeabhas an lúthgháir 'san t-éirghe meanman bróid a tháinig ortha. Ag crothadh láimhe liom go dtí nách mór ná gur strac sé amach as a lothall í agus ag guidhe sonais a's áthais orm, ag cómhmhaoidheamh liom gur phósas: cómhgháirdeachas: ag guidheachtaint conáigh mo thabharthais orm. An oidhche shroich scéala buadha an Uachtaráin sinn budh againn a bhí an cómhmhaoidheamh: áthas ar an uile dhuine agus iad dhá theasbáint 'n-a n-iomchar, teinte cnámh, sochaidhthe troma, gleódhacha ag taisdeal na sráideann, geóin a's rí-rá na cruinne aca.

cómhmharthain: *b.3.* an mharthain nó an bheatha chéadna, ar dháil téarnuighthe; cómhlonnughadh. Na cianta buana ó shoin do bhí ainmhidhthe ar an saoghal ná fuil ar cómhmharthain agus níl d'eólas againn ach na séithleacha do gheibhtear sa talamh: ná fuil 'n-a mbeathaidh anois. Cómhmharthain Dé: saoghal Dé gan túis gan deireadh. An Dia cómhmharthana: an Dia gan foircheann beatha: síoraidhe. Cómhmharthain atá 'gem bhainchéile, a bhreithimh, agus tá agam féin, ní heol dom cad é a cúis ghearáin, an biadh 'san glanachar céadna": an bheatha chéadna. "Is fadó curtha Tomás Ó Dálaigh, is dócha, bhí sé tonnaosda nuair fhágas an tseandúthaigh triocha bliadhain ó shoin" – "ar mh'anam go bhfuil sé ar cómhmharthain fós": go maireann sé fós. Cá mbíonn cómhmharthain anois ort? bhíteá in Áth Cliath a's i Lonndain gach re seal: cá bhfuil lonnughadh ort: cad é an áit is sia go gcómhnuighir ann.

cómhmharthanach: *a.* síoraidhe, cóimhshíoraidhe, cómhshuthain. "Is é an Dia cómhmharthanach ár ndíon" (Deut. XXXIII. 27): síoraidhe: gan deireadh. Ionnas gidh b'é a chreidfeadh ann ná rachfadh amugha ach go mbeadh an bheatha chómhmharthanach aige: an bheatha gan chríoch: an bheatha trí shaoghal na saoghal. "Lonnruigheann na

teinte cómhmharthanacha id theampall": na teinte suthaine: teinte nách múchfar go deó na ndeór.

cómhmholadh: *f.* (*-lta*) cómhaontadh, cómhgháirdeachas. Bíonn fear cómhmholta an pheaca chómh cionntach leis an bpeacach féin: an té a chuireas in iúil don bpeacach gur taithneamhach leis an peaca do dhéanamh. Ar spriocadh ar an gCraoibhín Aoibhinn mar Uachtarán Éireann fén mBunreacht nuadh fuair sé cómhmholadh na ndaoine: rinne na sluaighte cómhgháirdeachas leis: d'fhoillsigheadar do taithneamh a gcroidhe 'sa n-aigne ar an ócáid.

cómhmholaim: *b.a.* ₇ *n-a.* molaim lé; cómhgháirdighim; tagaim lé. Chómhmhol na moltóiridhe é ar an amhránaidheacht bhinn do thug sé uaidh; dubhradar d'aonghuth gurb annamh do chualadar a lithéid: bhíodar ar aonaontadh san mholadh do thugadar. Daortar duine agaibh i ndéanamh na cora gráineamhla so, chun báis agus tugtar braighdeanas fiche bliadhan duit-se a chómhlach as í do chómhmholadh: i dtaithneamh do. Cómhmholfad thu nuair chídhfead toradh t'iarrachta, ach go dtí san buailfead cos ar mo lúthgháir: déanfad cómhgháirdeachas leat. Comhmholann an sluagh indiugh an té do chómhcháineadar indé, rud a fhoillsigheas a luathinntin: cómhmóraid: cómharduighid: cóimhtheasbáinid nó cómhfhoillsighid a sástacht agus cómhdhaoraid go luath airís é nó cómhfhoillsighid a mhíoshástacht sa neamhaontadh. "B'fhearr dúinn", ars an captaen, "dul i dtreis fanamhna ar an oileán díth-áitighthe seo go maidean ná tabhairt fén bhfarraige fhiadhain sin" – "cómhmholaimíd do bhreitheamhnas", ars an fhoireann: tagaimíd leat go lántsásta agus is mór againn do thuigsint.

cómhnaidhe: *f.* (*-dhthe*) lonnughadh, fanamhaint, maireachtaint, áit áitribh, árus, sos, moilleamhaint; dáil suaimhnis; leanamhaint. "An fada bheidh cómhnaidhe ort an turus so in Áth Cliath, ní d'fhanais ann an turus cheana?" – "beidh cómhnaidhe coighcís orm ann": lonnughadh nó fanamhaint coighcíos (coighcíosa). Do lithéid níor cruthnuigheadh riamh, ní théidheann cómhnaidhe ort ach ag rith ó áit go háit ar nós na beiche: sos. Ní néann teanga 'n-a cómhnaidhe a haimhleas: "is binn béal 'n-a thost": an teanga ná bíonn ag cainnt ní leigeann sí rún ná ní néann sí tuisle. Tagadh cómhnaidhe beag éigin ar do theangain, tá mo chluasa 'n-a "slipéiridhibh" aice: bíodh sé 'n-a tost: cuir chun sosa nó suaimhnis í tamall, dá luighead é. Stolta, stracighthe 'gen saoghal atáim, ní théidheann cómhnaidhe ar láimh ná chois liom ar feadh an lae: ní leigim mo scíth. D'oibrigheabhair go teann anois lé dhá uair an chluig, bíodh cómhnaidhe oraibh ar feadh scathaimh: scuiridh den obair. Ritheadh (rith) seama an domhain a bhí fé ag caoineadh an méid a oibrigh a's a fuair bás ar son na hÉireann a's a luighead a bhí dá bharr gur fhiafruigh fear maith éigin de – "cad a fhuilngis-se ná dheinis ar a son?"; chuir san 'n-a chómhnaidhe é: chuir san 'n-a éisteacht é: 'n-a thost: bhain san an ritheadh seama dhe. Cómhnaidhe fada annsan ort mar an ort atá an beagdheabhadh a's cómhchainnt, a's do chúram ag feitheamh leat: fanacht fada annsan ort (marbh go rabhair sara gcuimhnighir ar fhágaint). Ar chlos an droicheachtra dho, phreab sé 'n-a shuidhe, bhuail roimis an t-aistear fada a's níor dhein stad ná cómhnaidhe go ráinig láthair an mhéala: moill, moilleamhaint, sos. A bhean bhuile, cómhnaidhe go raibh ort!: sos go dtéidhidh ar do bháine. Tigh ná taithnigheann leis seadh é, ní bhíonn ach cómhnaidhe gearr air ann: a luighead is féidir moille leis a dhéanamh ann. Cá mbír id chómhnaidhe? an fada as so é?: cá háit a áitighir?: cá bhfuilir

id mhaireachtaint? Pé faid geairrid atáid ann is eól domsa cómhnaidhe do bheith ortha ann le leathchéad bliadhain: do bheith ag cur fútha. An raighidh cómhnaidhe choidhche ort?: an gcuirfir aon chrích ar do bheatha mar tigh a's bean do bheith agat, a's sos ded fhánaidheacht. Beidh cómhnaidhe anmhaith, anshlachtmhar ort nuair bheidh an tigh nuadh agat: beidh áit mhaith áitrimh agat ann. "Connus tá an t-éiglidhe tréis na hoidhche?" – "má tá aon atharrughadh air is ar fheabhas é, déarfainn, cóir máireach. Tá cómhnaidhe ar an mbeirbhthean": níl aon éirghe ar an mbuile breóidhteachta. Tá an diall 'n-a chómhnaidhe istigh id bholg, ní bheadh iontaoibh agam asat: dlúthcheangailt. Ní gádh duit mé do chur ar mo shúilibh i dtaobh me féin do sheachaint ar an ainscian, is maith is eól dom go bhfuil sé 'n-a chómhnaidhe aige dom: go bhfuil olc a's fonn díoghaltais 'n-a chodladh ann dom. Aistear anfhada a bhíodh ar ár sinnsear ó Dhún Chaoin go Corcaigh lé hím a's le hanairt, a's b'éigean dóibh cómhnaidhe do dhéanamh ar an mbóthar trí no ceathair d'uairibh: sos chun a scíthe a's a dtuirse féin 'sa n-ainmhidhthe do leigeant: briseadh aistir. An fada atá an clog san ar cómhnaidhe?: 'n-a stad. Is gránda, dorcha an poll thíos i ngleann fé scéimh puirt, an áit chómhnaidhthe atá aige: áit go gcaitheann sé a bheatha: árus. Budh scéimhamharcach an t-ionad cómhnaidhthe do dhéanfadh an áit seo: ball chun áruis nó tighe maireachtana do thógaint ann. Gheóbhair cead cómhnaidhthe uatha ach do chuid bídh do bheith ort féin: cead do bheith istigh, ach tú féin ghod chothughadh féin. An fada atá cómhnaidhe ort liom, is oth liom bheith chómh mall?: an fada taoi ag feitheamh liom? "Dá dtagainn Dé Luain chughat an mbeidhfeá istigh rómham?" – "ná bíodh eagla ort, bím istigh i gcómhnaidhe": aon tráth a thiocfá. Lé líonrith deithnis do bhí sé ag siubhal i gcómhnaidhe gur shroich sé a thriall: gan sos, gan staonadh. Ceanamhail ort? is é tá mar sin, i gcómhnaidhe it fhiafruighe 'sag cur do thuairisce: do shíor, nó go mion minic. A chumann tar cumainn, bead ceanamhail ort i gcómhnaidhe i gcómhnaidhe: faid a's bheidh uisce ag rith a's féar ag fás. Níl aon teanga ná bíonn deacair, fiú amháin lé cabhair múinteóra, ach bí ag gabháil di i gcómhnaidhe a's beidh an buaidh agat: ná déin aon tsos dá stuidéar: bí chúiche a's uaithe ghá foghluim.

cómhnaidhtheach: *a.* ciúin, marbh, neamhchorruightheach, suaimhneasach, tochtach, sochtach. Ná hól an t-uisce cómhnaidhtheach san, tá sé boglobhtha, gan cead reatha: uisce 'n-a staid: uisce láithreach. Síon chómhnaidhtheach seadh í seo a dhéanfas díobháil choitcheann na ndaoine mara n-atharruighidh sí ar fheabhas: leanamhnach, buan (gan sos). Tá peictiúir reatha dhá fhoillsiughadh i bPeictiúrlann Fhaithche Stiofáin ar shaoghal cómhnaimseardha na Rúise, ceann cómhnaidhtheach seadh é, ó n-a dó a chlog go dtí aondéag ist oidhche: ar siubhal gan briseadh: a aththosnughadh tréis a chríochnuighthe. Ar feadh na hoidhche do bhí clagairt chómhnaidhtheach ag fearthainn ar bhuaic an tighe, bhí a rian air, bhí tuile throm san abhainn ar maidin: clagairt nár staon. Is conntabharthach an rud uisce cómhnaidhtheach d'ól: uisce ná bíonn rith leis, a fhanas in aon log. Daoine fáin atá in Afraic Thuaidh tamall ón oirear, a's ní daoine cómhnaidhtheacha: daoine seachráin. Rinneadar stad cómhnaidhtheach san ósdlann ar feadh mí, do thaithnigh an ceanntar chómh maith sin leo, gidh ná raibh ar a n-aigne ar dtúis ach gabháil tríd: sos tamaill. Carraigeacha neamhchómhnaidhtheacha iad san ar chladach Bhéil Átha – bíonn an fharraige ghá síorchorruighe agus ghá síoriomlosc go dtí go bhfuil crot cruinn tugtha aice ortha: carraigeacha ná fanann go socair in aon áit. Seadh, mar deirir, tá obair agam a's budh cheart dom do bheith buidheach ach obair shealadach

seadh í, 'sis mór gurbh inmhianta obair chómhnaidhtheach ná beadh chómh hairgeadamhail: obair ó ló go ló: obair sheasamhach. Galar cómhnaidhtheach seadh na dathacha so orm-sa: galar fada buan. Bíodh teanga chómhnaidhtheach id bhéal ar eagla a barr(a): teanga thochtach. Ceann d'iongtaisidhibh an domhain seadh é bheith chómh cómhnaidhtheach in áit iargcúlta, mar é a's a raibh de thaithighe aige ar thaisdeal, shiamsa a's choimhdeacht a's comhluadar: suaimhneasach 'n-a aigne, gan fonn fánaidheachta. Ambliadhna ní fheaca aon tsnag breac sa Ghleann Dearg, is deallramhtach go bhfuil sé tréigthe aige, agus bhíodh sé anchómhnaidhtheach lém chuimhne: bhíodh lonnughadh buan air ann. Adhbhar imshnímh agus eagla do shíothcháin na hEóraipe an díomas (an faladh) agus an neamhmhuinghin chómhnaidhtheach atá idir an Fhrainnc agus an Ghearmáin: an faladh etc. ná téidheann a chodladh. Ar eagla bheith bocht bí cómhnaidhtheach (cómhnuightheach): buantseasamhach, buanleanamhnach. Sa tsaoghal bhuadhartha, thrangaláta atá againn anois ní gearánta d'aonne a bhíos ag obair go cómhnaidhtheach: ó ló go ló: gan briseadh oibre.

cómhnaidhtheach: *f.1.* áitrightheóir; gnáthaidhe (gnáthuightheóir). Cér díobh cómhnaidhthigh an cheanntair seo?: na daoine a mhaireas annso atá préamhuighthe ann. De Mhuinntir Chonchubhair cómhnaidhtigh an tighe seo, agus de Mhuinntir Chathasaigh seadh na cómhnaidhtigh béil dorais: na daoine a áitigheas a's a shealbhuigheas na tighthe úd. An méid cómhnaidhtheach a bhéas id thigh an oidhche áirighthe sin a n-iarrtar ort do chur ar bhilleóig an Ioláirimh: an méid daoine a bhí ag cur fútha sa tigh an tráth san amháin. Idir chómhnaidhtheach a's aistreach bíonn sluagh mór sa pharóiste sa tsamhradh: idir na daoine a mhaireas do shíor ann agus na daoine a thagas ar cuaird féachta. Gearán cómhnaidhtheach é sin, a bheith ag gol 'sag lorg phingnidhe chun milseáin: gearán gnáthach, ceangailte, dualmhar.

cómhnaisceacht: *b.3.* cóimhcheangal, cuibhreach, uaim. Is fada cómhnaisceacht gnótha eatartha san chómhlucht Uí Cheallaigh a's Uí Mhurchada, táid ag díol 'sag ceannach sa tigh sin lé dathad bliadhain: ceangal dlúth: gnóth chuid aca gnóth na coda eile. Shighin sé cómhnaisceacht go ndíolfadh sé i gcíos ar feadh an áirighthe sin bliadhan an deóntas do fuair sé ón riaghaltas chun a thighe do thógaint: cor: connradh: aontadh margaidh. Budh leasc liom cómhnaisceacht do dhéanamh leis an té nár toghadh go dleaghthamhail: baint dhlúth do bheith agam leis.

cómhnárd: *b.2.* cosamhlacht, comórtas, compráid, samhlughadh, an luach, fiú, luachmhaireacht, fóghantas. Ní mór ná go bhfuilim i gcómhnárd leat i bhfiachaibh, dhá chéad go leith ortsa, dhá chéad orm-sa: ar chóimhrian: chómh trom díreach i bhfiachaibh. Fear árd, scagtha, cnámhach, lom dob eadh é – fan anois, féach cé leis go gcuirinn i gcómhnáird é? Ó seadh, lé Seán Fada a bhíodh sa Daingean, gur ar éigean ná go mbuaileadh a cheann ar shíneáil an tsiopa: i gcosamhlacht le: gnéithe mar a chéile ar an mbeirt aca. "Is deallramhthach lé t'úncail tu" – "b'fhearr liom gan me do chur i gcómhnáird lé haonne": i gcosamhlacht; gnéithe nó tréithe coitcheann eadrainn: aon rud do thómhas nó do mheas dréir ruda eile, an cómhgas (cómhngas) idir nidhthibh maidir le amhlachas nó deifir. Cuirir troigh i dtalamh me lé náire agat; ní haon chómhnáird d'fhear mhór dul chun cinn (ag achrann) lé truaghán garsúna: ní haon chómhthrom nirt ná gaisce dod lithéid é. "Má tá ceal airgid ort, ná raghfá a's é do thuilleamh, a's gan bheith ag

gearán ar shaidhbhreas daoine eile". "Ní haon chómhnáird duine aosta mar mise d'aonne": ní comórtas me. "Ceaca fear budh threise, Seán nó Séamas?" - "ní raibh Seán in aon chómhnáird don bhfear eile": ní raibh sé in aon ghiorracht do bheith chómh maith leis. Cuir i gcómhnáird lé chéile anois, teacht isteach na beirte; tá blúire talmhan agus táille céad go leith púnt ag duine aca agus táille dhá chéad púnt gan aon talamh ag an bhfear eile a's craca is fearr atá as: a gcur i gcomórtas: meas do dhéanamh idir shochar na beirte ar a dtómhas lé cheile. Maidir lé féile agus flaitheamhlacht ní bhfaghfá fear ar t'eólas i gcómhnáird leis: mar é: cosamhail leis. Léan léir air, an bleaigeárd salach, níl a chómhnáird ar an gcinidh dhaonna: níl aon bhleaigeárd eile chómh toghtha leis.

cómhnasc: *f.1. 7 3.* cómhbhanna, cómhchuibhreach, cóimhsheirbheáil. Na seandaoine ar an dá thaobh againn a bhíodh go muinnteardha b'iad an cómhnasc báidheamhlachta eadrainne indiugh: an ceangal eadrainn: an bun lé sinn do bheith mar táimíd indiugh. Cuireadh cómhnasc ortha i gcúirt go gcaithfidís araon leigeant dá chéile nó mara leigidís go gcuirfí i mbraighdeanas iad: cuireadh iachall ortha trí bhannaidhibh an tsíothcháin do chómhaill nó gur thinn dóibh. Chuibhrigheamair sinn féin i gcómhnasc ná féadfadh aonne againn pingin den airgead a bhí cómhpháirteach againn sa bhannc do tharang(t) gan chead an fhir eile: margadh nó cor cómhthola. Níl bac ná géibheann orainn scaramhaint lé chéile aon lá is mian lé ceachtar againn é, níor chuireamair aon chómhnasc orainn 'n-ár margadh: ní dheaghamair fé dá chéile i gcoingheallaibh ná féadfaimís scaramhaint ó chéile gan cúrsaidhe áirighthe do chóimhlíonadh.

cómhnascadh: *f.* (*-ctha*) cómhchuibhriughadh, cómhdhlúthadh. Ní scarfadh úird mhuilinn an iarainn as a chéile an cómhnascadh atá déanta ar an sciain a's ar a chois: ceangal docht, daingean, doscaoilte. Cuireann sé iongadh ar an saoghal mór an cómhnascadh atá déanta ag Muisilíní ar a chómhacht ar talamh, ar muir a's ins an aer: an tabhairt lé chéile a's an snaidhmeadh daingean. Gaiste, neart, ná gliocas ní scaoilfeadh cómhnascadh an chábla a's an ancaire: an greim dlúth dá chéile. Ní raibh ar mo chumas cómhnascadh leis: bualadh uime nó scéala do chur chuige nó d'fhagháil uaidh.

cómhnascaim: (**cómhnaiscim**) *b.a.* táthuighim lé chéile, lúbaim lé chéile, ceanglaim (dá) lé chéile, cuingrim, daingnighim, dlúthuighim dá (lé) chéile. Chonnac na bráigheanna cómhnasctha (cómhnascuighthe) 'n-a gceathrar a's 'n-a gceathrar, a gcrobhanna ceangailte dá cheile: greamuighthe go doscaoilte. Cómhnasc (cómhnaisc) an dá bheartán so, seadh is fusa dhuit iad d'iomchar: cuir ceangailte i dteannta a chéile iad. Cómhnasc an dubhán go maith don losna nó béarfaidh an chéad bhreac uait é: ceangail go dlúth lé chéile iad. Níor dhóigh leat ar an gcuma smeartha, choirtighthe atá air go bhfuil cómhnasctha i ngaol leis, a's a ghil-chroicinn a's táim féin: dlúthgheairrid i bhfuil do. Arsa Hitlear, "níl cómhacht ná cómhachta ar domhan a chuirfeadh an Ghearmáin fé chois, anois go bhfuil sí féin agus an Iodáil cómhnasctha": tagtha lé chéile lé n-a gcómhneart ar muir a's ar talamh. Cómhnascann bóithre an iarthair agus bóithre an oirthir go léir lé chéile sa Daingean: tagaid in aon bhall amháin. Cómhnascann mo righe mo chrobh a's mo chuisle: is é mo righe an ceangal atá idir an crobh (an bhas a's na méireannta) agus an chuisle (an fhorghéag ón uilinn anuas) a's a néas eadarghníomh dóibh. Ó chómhnascais lé lucht gnáthuighthe rinnce a's siamsa níor dheineas lá ceart

oibre sa bhaile, a ógánaigh: ó ghreamuighis leó: ó thaithighis a's ó choidrighis iad féin 'sa n-imtheachta.

cómhnuighim: [**comhnuighim**] *b. n-a.* áitighim; aithrighim, fanaim i; cuirim fúm i; sosaim; buansheasaim; moillighim; déinim leadarán. Cómhnuighim sa tigh sin: mairim ann: is ann do chaithim mo bheatha. "Cá gcómhnuighir?" – "mar a gcómhnuigheann an fhaoileann": tamall annso agus tamall annsúd: in áit neimhchinnte: gan ionad ceart chun marthana do bheith ag duine. Cé chómhnuigheann i ngrástaibh 'si ngrádh Dé?: cé hé go bhfuilid sin aige? Toisc an talamh do bheith réidh, slinn cómhnuigheann an t-uisce 'n-a logachaibh ann: fanann, sosann sé ann. Fan agus cómhnuigh tú féin annsan a's ná cuir a thuilleadh duaidh iomchair ort féin go n-imthighidh an saothar díot: sos tú féin: ná corruigh go ceann tamaill. An té a chómhnuigheas i míoghníomharthaibh íocfaidh as lá éigin: a leanas do bheith ghá ndéanamh. Budh mhithid dúinn bheith ag gluaiseacht, ná cómhnuighimís leathuair eile: ná moillighimís. Duine leasc, leadaránach a chómhnóchadh ag cainnt lé haonne a bhuailfeadh leis ar an mbóthar: a stadfadh a's a mhoilleóchadh gan ghnóth gan chúram ach fonn cainnte. Ní chómhnuigheann an chinneamhaint, an uile lá matalong éigin ag tárlachaint: ní chuireann sí a cos fúithe: uain duine indiugh aice a's uain dhuine eile ambáireach. Cómhnuigheann an droichmhian, (an fhéile, etc.) ann: ní fhágann in ao'chor, ní thagann aon lag(adh) ar an dtréith sin ann. Chómhnóchainn choidhche ag éisteacht leis ag amhrán lé binneacht a ghutha: d'fhanfainn gan corruighe.

cómhnuightheóir: *f.3.* duine a áitigheas, a mhaireas, a chuireas fé, a shosas ar feadh tamaill fhaid in áit ar bith; cuanaidhe. Ní raibh aon chómhnuightheóir i gcúirt Bhaile an Ghóilín ó fhág an tighearna í, gur deineadh coláisde ullmhúcháin di: aon ní raibh ag maireachtaint innte. Mise cómhnuightheóir an tighe seo, ach ní me an sealbhthóir, is 'n-a bhun atáim: táim im mhaireachtaint ann ach ní liom é. Ní raibh cómhnuightheóir áite ná tighe i gCorca Dhuibhne nár chuir sé imleitir chuige ag lorg a ghotha air: aonne a mhaireas in áit ná i dtigh ann. Cómhnuightheóiridhe an pharóiste seo an t-aon dream ar m'aitheantas ná fuil an mhéirdhéirc dóibh: lucht áitighthe.

cómhoibridhe: *b.4.* cómhchabhra, cómhsclábhaidhe; oibridhe cómhshnáthach. "A chómhoibridhthe", ar seisean ag agall na bhfear go mbíodh sé ag saothar leó fé thalamh, muna bhfeabhsuigheann sealbhthóiridhe chluinnte an ghuail bhur ndáil agus bhur dtuarasdal, chómhairleóchainn díbh dul ar stailc gan mhoill": an lucht oibre a bhíodh ag saothar i bhfochair a chéile. Thug sé féin agus beirt chómhoibridhthe leath a saoghail ag taighdeadh a's ag taighdeadh ameasc láimhscríbhinní beirt a bhí ag cabhradh leis ar an dtoisc chéadna. Má tá sé mall féin, cómhoibridhe slachtmhar seadh é agus tuiteann saothar leis i ndeireadh dála: cómhshnáthach, fear a oibrigheas dréir a chéile gan stalcghail gan leadarán.

cómhoibrighim: *b.a.* oibrighim i dteannta le; tugaim cómhchabhair nó cómhchóngamh uaim do; oibrighim dréir a chéile. Dá gcómhoibrigheadh ceathrar againn lé chéile agus a iarraidh ar riaghaltas long iascaigh do thabhairt dúinn ní theipfeadh orainn mar tá 'n-ár n-aonar: dá gcuirimís ár gcabhair in aon iarracht amháin. Cómhoibrighid san áit chéadna a's budh chóir go bhfeicidís a chéile: oibrighid don gcómhlucht chéadna. Tabhair dom saghas éigin úirlise, tuireasc nó casúr, a's cómhoibreóchad leat i ndéanamh an bhúird seo:

tabharfad cabhair dhuit. Níl faic dhá fhagháil aige ó n-a mhuinntir, mar ní cómhoibrigheann sé ag bhaile ach ag imtheacht dho féin: ní chabhrann sé leis an líon tighe chun maireachtana. Téidheann an chraobh duit, is éachtach mar tá cómhoibrighthe agat ar an leabhar san a's é do bheith críochnuighthe 'n-a ghiorracht aimsire: oibrighthe go dlúth, buan, faidtheadhlach gan sos.

cómhoibriughadh: *f.* (*-ighthe*) do shaothrughadh lé chéile chun na críche céadna; oibriughadh i bhfochair a chéile, nó lé toil a chéile chun an triall céadna do bhaint amach. Do ghlac Mac Dé colann daonna lé cómhoibriughadh ón Spioraid Naomh i mbruinn na Maighdine Muire: lé toil a's cóngamh. Dá mbeadh an cómhoibriughadh ceart idir fheirmeóiridhibh an bhaile níor ghádh do gach aonne imtheacht le n-a árus féin bainne chun an uachtarlainn ach duine aca do bhreith an bhainne go léir ar a uain ann: an teacht lé chéile chun oibre do dhéanamh níos fearr agus níos saoráidighe. Dá dtugtá an cómhoibriughadh céadna ar chómhlachaibh na ndóirse ní bheadh ceann aca níos lugha ná an ceann eile: dá ndéinteá oibriughadh mar a chéile ortha: cóimhdhéanamh do thabhairt dóibh.

cómhoidhre: *f.4.* duine de dhís nó breis go mbíonn cianmhaoin nó maoin, nó gustal ag teacht chuige trí shíolradh nó geinealacht. Beirt chlainne do bhí aige, mac a's inghean; is iad san anois cómhoidhridhe a mhaoin shaoghalta: daoine go bhfuil cómhbhuannacht aca.

cómhól: *f.1.* dáil ólta i gcuibhreann nó i gcuideachtain, craos dighe, an oiread céadna óil. Raighead ar chómhól leat féach ceagainn bheidh ar lár ar dtúis: ólfad deoch ar dhigh leat i gcomórtas. An cómhól do mhairbh é: an t-ól gan sos ó ló go ló. B'ait liom é do bheith ar meisce, cómhól a bhí déanta againn a's níor bhraitheas féin aon mhearbhall: an méid céadna dighe a bhí caithte againn. Chaitheamair seal mór den dtráthnóna ag cómhól a's gan aonne chughainn ná uainn: ag ól lé céile: an uimhir chéadna deoch dá chaitheamh againn. An cómhól a déintí ar an mBuailtín san "tsaoghal mhaith", roimis an gcogadh mór ar bhainisidhibh ní dhéanfar lé méid faid bheidh an Buailtín 'n-a Bhuailtín: an t-ólachán trom.

cómhmór: *f.1.* an oiread céadna, an toirt chéadna. A chómhmór de chapall ní raibh annso lé cuimhne aonne, caitheadh doras an chróidh do mhéadughadh dho, chun cead dulta isteach a's teachta amach do bheith aige: capall chómh toirteamhail leis. Dá mbeadh a cómhmór de shróin orm a's tá ort chuirfeadh sé náire orm: srón go mbeadh an méid chéadna innte. Níl a chómhmór d'airgead ag aonne sa cheanntar bhocht so a's tá ag an siopadóir gustalach úd i dTráighlí, nidh nách iongadh, ná cóir aige air: an oiread nó a chómhmhúirle airgid.

cómhmóradh: (**comóradh**) *f.* (*-rtha*) adhmholadh, nochtadh, foillsiughadh; cruinniughadh; cómhchruinniughadh sluagh; sluaghadh, cómhgháirdeachas; cuireadh; déanamh (bídh, dighe, siamsa, etc.). Ar mbeith don ndigh rithte 'n-a bhféitheachaibh chromadar ar chómhmóradh a chéile, ghá shuidheamh ná raibh fir ar domhan dob fhearr ná iad féin: ag adhmholadh: ag moladh a chéile go canaibh na gréine. Bhíodar ag cómhmóradh a bhearta leis agus eisean agus sotal air 'n-a thaobh nuair tháinig fear ar an mball a chuir a dhubhshlán fé, gur imthigh an laochas de: ghá adhmholadh a's ag cur

meanman air toisc an ruda a dhein sé. “Is oth liom a rádh leat go bhfuilir ag cómhmóradh an ghortuighthe atá air”, ars an dochtúir, “níl air ach órdlach sáidhte”: ag méadughadh, ag déanamh méala dhe. Thugamair go léir cómhmóradh ar bhuadhachtaint an mhíle púnt do: d’fhoillsigheamair ár gcuid áthais do. Chuir Brian rathughadh amach ag cómhmóradh na sluagh le haghaidh catha do chur ar na Danaraibh: ag bailiughadh ’sag cnuasach a shluaighte troda. Beidh cómhmóradh freasabhraidh sa Daingean Dé Domhnaigh in aghaidh an bhunreachta: bailiughadh sonnradhach daoine chun a mbaramhail míoshástachta do nochtadh don gcoitchiantacht. Ar aon rud do rinne sé ar son a dhúthaighe ní mian leis an nduine réadhchúiseach aon chómhmóradh: deir sé gur b’é a dhualgas é: an chómhgháirdeachas ná teasbánadh molta ná soilbhreachta ós na daoinibh. Toisc an t-eagla a bhí ar gabháil tríd an gceanntar, duine faiteach dob eadh é, cuireadh beirt d’arm na Poblachta ghá chómhmóradh d’fhonn a aigne do chur chun suaimhnis. Raighead-sa leis ar an bhfleadh so anocht, cuireadh cómhmóradh orm maidir lé duine: fuaireas cuireadh mar fuair cách. Rinneas a chómhmóradh treasna na habhann tuilte mar nár bh’eol do áth ná uisce éadtrom: rinneas a thionnlacan. Dá fhaid aithne agam ar mhuinntir an tighe sin agus iomadamhlacht mo chuairdeanna ortha, ní bhfuaireas cómhmóradh riamh ann i gcruth bídh ná dighe acht an méid cainnte gheóbhainn: coinneamh: aoidheacht: iostas: caoimheachas.

cómhmóraim: [**comóraim**] *b.a.* adhmholaim; molaim go hárd; méaduighim (cuirim leis); cóimhthionólaim, dréimim, riobhluighim, coimheascraim le; téidhim in iomaidh le; rúnuighim, cinnim. Comhmórtí ó thalamh me i ngach cuideachtain agus gach buidhin nuair bhí rud agam, anois nuair táim dealbh dímheastar me: moltí mo thréithe a’s tréithe ná bíodh agam, mo phearsa a’s mo ghníomhartha olc a’s maith. Ní chomhmórfainn rómhór t’annsa dá me thu go bhfeicir tásdáil air a’s é teasbánta aige: ní bheinn ag méadughadh ar a thréithibh ná a fheabhas tar a chómhchomórtaisidhibh. Comhmórtar dhá aonach sa Daingean gach mí: feartar: cuirtear ar siubhal iad. Comhmóradh cogadh na nDubhchrónach lé Sasana ar mhuinntir na hÉireann chun ár gclaoidheachtainte: tosnuigheadh é. Ní comhmórtar seilg sionnaigh sa cheanntar so toisc a achrannaighe - carraigeacha, gleannta, cnuic ghéara, etc. a’s ná fuil uaisle ann i ngustal fiadhaigh do chothughadh: ní bailightear lucht fiadhaigh chun seilge ann. Do cómhmóradh cath idir sinn féin agus na Dubhchrónaigh ar thaobh an chnuic sin thall gan scáth gan fáscadh ag aon taobh againn, ach ag rúideadh piléar comh tiugh a’s b’fhéidir: cuireadh cath eadrainn. An comhmóradh d’éirigh ’n-a tulca tímcheall mo chroidhe nuair shaoras ó bhádhadh é: an ríog mhór áthais a’s tóirtéise gnímh a bhailigh go soilgheasach tímcheall mo chroidhe.

cómhpháirteach: *a.* cómhrannach; rannpháirteach; ar dháil an oiread céadna coda baile, díobhála nó gnímh; cómhchodach; cóimhmhír; cóimhfhreagarthach, cómhmhuirearach. Nuair shaoileas gur cómhpháirteach do bheadh gach tairbhe agus gach dochar eadrainn, go mbeimís leath beartha leath caillte ar gach ócáid, is amhlaidh do fuaireas gurb orm do thuit an dochar i gcómhnaidhe agus go raibh mo chómhpháirtidhe ag cúbláil breis mhór agus a chion den sochar: go mbeadh an oiread céadna lé chéile buaidhte againn lé linn sochair agus an oiread céadna caillte lé linn dochair. Téidheadh an triúr agaibh cómhpháirteach chun an bháid, chúig phúint déag a fiacha, sé sin chúig phúint costais an duine agaibh: bíodh sraith trí coda loma ag dul oraibh. “Ná sanntuigh me”, ar sise, “ní bhead cómhpháirteach leat”: ní raighead i bpeaca leat. Siopa cómhpháirteach seadh é idir

an seanlánamhain agus an lánamha óg: tá a chómhchuid féin ag an dá dhream as. “Scaoil uait me, a scaoinse, ní bheinnse cómhpháirteach leat”: ní dhéanfainn cumaisc leat. “Coir cómhpháirteach dob é seo”, ars an bleachtaire, “bíodh a rian ar an méid rian cos neamhchosamhail atá tímcheall an bhaill”: coir go raibh breis agus duine ’n-a déanamh. Tógaimís gluaisteán a’s téidhimís cómhpháirteach ar a fiacha: díoladh gach nduine againn an tsuim chéadna. Admhuighim go bhfuilim cómhpháirteach lém dhreatháir i bhfiachaibh an tighe, mar gur thuiteadar ar an dtigh roim bhás m’athar dem dhruim-se chómh maith le duine: gur cómhmhuirearaighe atá orainn: nách foláir dómhsa íoc leis: go ndlighim iad d’íoc.

cómhpháirtidhe: *f.4.* céile (bean nó fear), comhghuallaidhe, cómhchaomhna, cómhalta. Sid í an cailín atá mar chómhpháirtidhe agam chun rinnce: sid í a bhéas mar coimhrinnceóir agam: an cailín lé n-a rinncfead. Cómhpháirtidhthe dob eadh sinn ó bhíomair ’n-ár naoidheanaibh ar scoil, suidhte, buailte lé chéile sa rang chéadna, ar na toscaibh céadna ag súgradh, ’n-ár bhfearaibh in aon obair, a’s mar sin de: cóimhleacaidhthe. Budh mhian liom tú do chur in aithne dom chómhpháirtidhe beatha: dom mhnaoi: dom chéile. “Is mé tá go huaigneach” ars an bhaintreabhach, “ó bhain Dia, moladh a’s buidheachas leis, mo chómhpháirtidhe dhíom, ach dé bheatha a ghrásta”: m’fhear pósta. Lloyd George agus a chómhpháirtidhthe budh bhun lé deighilt na hÉireann: na cóimhchealgairidhe a bhí ’n-a fhochair: cómhaltaidhe nó teangbhálaidhthe san ngníomh gcéadna.

cómhpháirtidheacht: *b.3.* dáil coda de rud do shealbhughadh, nó cion ruda d’iomchar, cómhcuallaidheacht i ngnóth nó i seilbh. Is fada i gcómhpháirtidheacht an diaill thu: is fada thu ag déanamh na mbeart is gnaoi leis. Dhá lá do chaitheadar i gcómhpháirtidheacht cheannaidheachta guail gur thuiteadar amach lé chéile: i gcómhchuallaidheacht: ag iomchar muirearaighe an ghnótha: cóimhchion a’s cómhchuid ag ceachtar díobh. Ars an t-athair leis an mac, “ní maith liom an chómhpháirtidheacht so do chleachtair ar scoil, b’fhearr liom go scarfá lé cuid ded chómhluadar”: cóimhchéileacht: cumann buachaillidhe, do lucht dlúthchoidrimh. Cómhpháirtidheacht shoilbhir dob eadh bheith in aon chúram leis, focal séimh a’s cabhair gheal ar gach cruadhtan a bhéarfadh ort: cómhchonbharsáid: breith a’s tabhairt.

cómhra: *b.5.* cófra déanta don mharbh lé n-a adhlacadh; amaire. An lá chídhfear dom gur fearr d’fhear an smithire sin ná me bítear ag déanamh mo chómhrann: duine marbh seadh me.

cómhrac: *f.1.* iomarbháidh troda; coimheascar; dáil; teacht lé chéile; cómhshnaidhmeadh; troid; bruighean; ainmhidhthe ag péacadh a chéile. Tréis an chómhraic fhada thubaistigh na gceithre mbliadhan ’n-ar marbhuigheadh na milliúin fear a’s ar ar caitheadh na céadta milliún airgid: na troda. Cómhrac chómh dian a’s d’amharcas ar pháirc iománaidheachta riamh do b’eadh an comórtas so: tásdáil chalmachta a’s clisteachta in imirt: coimheascar. Stad sé nuair ná raibh a thuilleadh cómhraic ann: a thuilleadh cómhachta chun catha do thabhairt. Stad na madraidhe sin de bheith ag cómhrac le chéile: ag bruighean: ag breith ar a chéile lé n-a bhfiaclaibh. An raghfá ag cómhrac liom, má tá meas fir agat ort féin?: an dtómhaisfeá do neart lem neart i

dtroid? Mhaoidheadh sé go lá a bháis ná raibh aon fhear i gCorca Dhuibhne a sheasóchadh cómhrac aonfhir leis: troid ó fhear amháin. D'iarr sé cómhrac orm i dtaobh easmailte do thabhairt dá dhribhshír: chuir sé a dubhshlán fúm dul ag bruighean leis. Más cómhrac atá uatha, scaoil chun a chéile iad: má tá fonn troda ortha bíodh leo. Tamall aníos ó Bhéal Átha atá cómhrac Abhainn na Ceathramhan a's abhann Bhaile na Rátha mar a gcumascaid: a dteacht in aon abhainn amháin. Is annamh riamh do bhuailimíd lé chéile ná go mbímíd ag cómhrac: ag argóint go láidir. Daoine anneamhmuinnteardha atá san áit, bíd do shíor ag cómhrac ar a bheag nó a mhór cúise: ag imreas. Maraidheacht áidhbhéil dob eadh an fharraige fhraochda do chómhrac ar feadh dhá mhíle míle i mbáidín béaloscailte: aghaidh do thabhairt uirthe agus ar a conntabhairt agus teacht slán uaithe. Mara gceangaltar na ba sa chródh chromfaid ar chómhrac: ar bheith ag péacadh: ag tabhairt na n-adharc dá chéile. Raighead-sa ag cómhrac mo chirt leat: raighead in iomarbháidh leat: tómhaisfead mo neart a's m'acmhuinn leat. Is ait liom aonne bheith in achrann leis, mar fear macánta gan cómhrac seadh é: gan troid. Dhein Dómhnall Ó Bruighin gníomh cómhraic an oidhche bhris sé tríd an bhfáil shaighdiúiridhe a bhí tímcheall an tighe 'n-a raibh cómhnaidhe sealadach air: gníomh cródhachta. Bheidhfeá-sa ag cainnt, a's dá thoirteamhla thu de bhreis air ní raghfá 'n-a chómhrac: chun catha nó troda do thabhairt do. Nuair chonnaic sé meathtacht a raibh láithreach a's iad ar crith 'n-a gcroiceann roim an bhfear mór, dubhairt mo dhuine gurbh é féin 'fear a chómhraic', fear a dhiongbhála i dtroid: fear a throidfeadh é gan eagla ná scáth. Ar son Dé cad thug chugainn tú chómh fada san ó bhaile i gcómhrac lae agus oidhche: leis an amhdhoircheacht: le heascar lae a's oidhche: leis an gclapsholas. Dá mbeadh aon ádh linn ní shúngcálfadh sí go ceann tamaillín eile, mar ní fada ó chómhrac na n-oileán do bhíomair: ó bhualadh leó: ó ionad na n-oileán. Nách ar an té adubhairt, "raghainn síos i mbuidéal fé chorc leat!" a bhí an fonn cómhraic: dúil achrainn a's bruighne. Rugadh dochtúiridhe agus banaltraidhe 'on cheanntar galruighthe agus lón leighis cun na haicíde do chómhrac: chun cur 'n-a coinnibh chun a cosca a's a scriosta. An mhuirchómhrac is déine do cuireadh riamh is idir Shasana agus an Almáin do cuireadh é: an cath luingeas. Bhuail sé anuas an tsráid mar bhuailfeadh coileach cómhraic, an ceann san aer aige: coileach a cothuightear go sonnradhach chun dulta i ngráscar lé coileachaibh eile. Is iomdha cómhrac do dhein sé ar muir a's talamh chun a bheatha do ghnóthughadh, ach tá an cómhrac déidheanach curtha air: tá an buaidh ag an mbás. Lámh thapaidh i gcómhrac: duine a adhanfadh troid go pras leis an gcéad bhuille. Cómhrac na taoide a's na gaoithe: iad bheith ag troid lé chéile. Nuair chuaidh an bád i gcómhrac na taoide bhí an fharraige rómhaith dhi: i gciumhais na taoide: mar ar tháinig an taoide treasna uirthe. Gheobhadh sé a shaoghal 'sa shláinte a bheith ag cómhrac: cómhrac nó easaontas a's achrann is ionmhuine lé n-a chroidhe. "Cad é an t-aos anois thu?" – "táim ag cómhrac ar dhathad bliadhain": ag druideam leis go dlúth. Cuirfidh an fliuchra tais seo i gcómhrac na cré na síolta: i mbéal na cré: díreach i radharc bheith ag teacht ar barra. Ar chómhrac na mbóthar bhímís ag rinnce sa tseanshaoghal, i hallaidhibh anois: ar na crosairidhibh. An bhfeacaís riamh bradán ag cómhrac an easa?: d'iarraidh an easa do chur de.

cómhracach: (**cómhraiceach**) *a.* iomarbháidheach, coimheascarach, trodach. B'fhearr é d'fhágaint ar a shuaimhneas, is saoráidighe bheadh an cúrsa againn leis, mar duine cómhracach seadh é: duine go bhfuil dúil i dtroid aige a's gur beag do spriogann chúiche é. Ní haon fhear mar mhagadh é siúd agat, ach fear cómhracach ná broicfeadh lé haon

fhastuím ó aonne: fear go bhfuil treise ann chun é féin do dhearbhughadh a's do chosnamh. Cuireann sé iongadh orm go rug mo mhadra ar do mhadra mar ní madra cómhracach é: madra go bhfonn troda. Mhuise, an t-aindeiseóir, beatha chómhracach ar bheagthuarasdal atá aige d'iarraidh lán tighe de chlainn do chothughadh: beatha choimheascair: beatha go gcaitheann an uile phioc di do thuilleamh go dian.

cómhrádh: *f.* (*iol.* cómhráidhte) cainnt; comhchainnt, iomrádh, cómhlabhairt, agallamh, iomluadh, seanchas; úrlabhra. Ní raibh de chómhrádh béil agam leis ó Luan go Satharn ach aire do thabhairt do féin ar innealraidh an mhuilinn, ach budh bheag ar mo chómhairle: de theagasc. "Ní fheadar an fíor gur chaill sé múirle airgid? ní dóigh liom san, dar liom ná fuil ann ach cómhradh béil: níor chaill sé ach pingnidhe beaga: ráidhteachas gan dearbhadh. Dubhart leis i gcómhradh rúin go mbeinn ag dul tar lear; níor theastuigh uaim é do bheith i mbéal gach aonne: tagairt dom imtheachta do theastuigh uaim go gcoingbheóchadh aige féin. I gcómhrádh cogair i láthair na ndaoine eile gheall sé a ghuth dhom: focal nár chualaidh aonne ach me féin. Bead im chómhrádh cogair ag an bparóiste go rabhas ag troid lém mhnaoi: ní bheidh de chomhchainnt aca ach sinne beirt a's ár gcúrsaidhe. Cómhrádh coitcheann cogair seadh é gur b'é féin a chuir teine 'n-a thigh: sé annlann bídh atá ag gach aonne tímcheall é: sé mionsheanchas mhuinntir an cheanntair é. Ní raibh de chómhrádh sa Daingean indiugh in aon áit go ngeóbhfá ach feabhas an chuir atá daingnighthe againn le Sasana: de chainnt: d'adhbhar cainnte. An balbh ataoi ná fuil aon chómhradh agat?: labhairt. Tuigim go maith cad deirir, ach níl líomhthacht im theangain fós chun cómhráidh do chongbháil leat: tú d'fhreagairt a's cainnt do choimeád ar siubhal leat. Taithnigheann cómhrádh ban liom: iad do bheith ag cainnt liom a's me ag cainnt leó: ag malartughadh ár mbaramhal a's ár smaointe.

cómhradh: (**cómhrughadh**) (*–uighthe*) do chur i gcómhrainn. Ní raibh neach lé n-a nigheadh, a chómhradh (chómhrughadh) ná a adhlactha: daon ní raibh 'n-a thímcheall ar bhás do, nó níor b'fhiú lé haonne gnátha na marbh do dháileadh air. Díreach agus iad ghá chómhradh tugadh fé ndeara oscailt súl ghá dhéanamh aige, nách maith do scar sé leis?: iad ag iadhamh air.

cómhrádhaim: *b.a. 7 n-a.* labhraim (lé), in iomlaoid carbhall agus baramhal; leathaim, mar ráfla. An tusa a chómhráidh go mbím-se ag scéitheachtaint lasmuigh ar imtheachtaibh an choisde?: an tusa a leath é ameasc na ndaoine. Ar do chluais! ná cómhráidh ar innseas duit le haonne a mhaireas, is fearr marbh gach rud atá imthighthe ná a mbreith ar barr(a) ithreach airís: ná habair é lé haonne: ná beir an scéal so chun aonne eile beó. Ní mise a chómhráidh gur briseadh tu; cuir ar dhuine éigin eile é: ní mise a thug mar scéal d'aonne é. An bhfuil sé cómhráidhte agat-sa gur airighis uaim-se gur duine briste an siopadóir seo?: an bhfuil sé beartha mar scéal agat agus mise mar ughdar agat leis? Péaca 'n-a éitheach nó 'n-a fhírinne é, tá sé cómhráidhte go bhfuil sé ag fagháil bháis san Eilbhéis leis an eitinn: innste, imthighthe ó bhéal béal. Duine a bhíos rannpháirteach in agall mar pearsa i gcluiche. Cé mhéid cómhráidhteach sa chluiche seo?: cé mhéid duine ann go bhfuil ortha agallamh nó cómhrádh do dhéanamh.

cómhradóir: *f.3.* duine a dheineas cómhra. Dhein an cómhradóir cómhra dho féin lé piseógaibh go mbeadh saoghal fada aige dar leis. [Sin creidsin atá ameasc saor adhmaid].

cómhráidhteach: *a.* cainnteach, míonla, cómhchainnteóireach. Tuigeadh dom ar an ngruaim a bhí air ná raibh sé cómhráidhteach ar an uain sin agus chuireas ar gcúl iarratas na haisce a bhí uaim air: míonla, miochair, lághach: dáil daoine d'fháiltiughadh agus labhairt go cneasta leó. Bheadh sé níos cómhráidhtighe leat dá mbeadh aon rud cóir agat chuige, nár airighis riamh – "Dé bheatha-sa a's rud agat": níos míne, agus níos tláithe. B'fhiú liom tamall de lá 'n-a fhochair, is cuma cad é broid a bheadh orm, duine eólach, cómhráidhteach seadh é: duine cainnteach: duine a labhras go hiontsuime ar a lia rud. Scéal cómhráidhteach ar fuaid na dúthaighe a's ameasc lucht páipéar seadh é go mbeidh Toghadh Coitcheann againn sara fada, ní fheadar cad tá fíor nó bréag de: scéal atá ag imtheacht ó bhéal go béal: ráfla fóirleathan. Congaibh greim ar do theangain, mar táir níos cómhráidhtighe ná mar is ceart duit, a's aon éachtaint ar an rud atá fúinn do dhéanamh laitfeadh ár mbeartughadh: tá an teanga níos scaoiltighe agat: níos béalscaoiltighe: gan glas ceart ar do theangain agat.

cómhráidhteach: *f.1.* duine miochair, modhamhail; cómhchainnteóir. Cómhráidhteach chómh blasta eólach a's thaithigheas riamh seadh é, chaithfeá do shaoghal ag éisteacht leis ar thaisdeal, cheól, leabharthaibh, a's daoinibh tábhachtacha a bhuail uime: duine a néann cainnt go réadhchúiseach, neamhghuiseach, lán d'eólas a's d'fhios. Cómhráidhteach mná a fhreastalóchadh ort gan fústaireach: síthbhialta: miochair, béasamhail.

cómhraim: *b.a.* cuirim i gcómhrainn le haghaidh adhlactha. Cómhrófar go maith thu, ná bíodh eagla ort: cuirfear cómhra shlachtmhar ort. Níor cómhruigheadh neach dár áradh de lucht ghéillte Dhúna an Óir, ach a gcaitheamh le haill a's tá a gcnámha ag bánughadh i ngainimh an Teampaill Bháin mar ar chaith an mhuir i dtalamh iad: níor cuireadh fasc ná clúdach adhmaid ortha. Ní chómhróchainn marbh ar a bhfeaca riamh, duine rólagpháiseach seadh me: ní chuirfinn i gcómhrainn.

cómhroinn: *b.2.* (*iol.* cómhranna, cómhronna) cóimhdheighilt; cóimhriar, cómhchuid, cómhbhlúire, cómhthoirt; do dhéanamh coda de thalamh nó d'aon rud; alt. Tréis cómhranna do dhéanamh ar an méid a bhí cómhthuillte againn, ní bheadh sé sásta gan breis do bheith aige, fear doranna seadh é: an oiread céadna do bheith ag gach aonne againn. An talamh d'fhág an dream a himirceadh don Mhidhe deineadh cómhroinn air ameasc thríonntaidhthe an bhaile, trí acra gach líon tighe: roinn(t) chómhthrom. I gcómhroinn cheithre mbailte má ránguigheann tobar ann deirtear gur tobar leighis é: cóimhtheangbháil: an áit go dtagaid lé chéile. Goirtigheadh me i gcómhroinn an ailt agus na coise: san gceangal atá eatartha. Bhíomair ag faoisdin indiugh, agus ar maidin ambáireach go moch lé cabhair Dé ragham i gcómhroinn sacraiminte an Chuirp Naomhtha: glacfam an Corp Naomhtha: ragham chun comaoine. Suidh i gcómhroinn an bhídh agus ná coiglidh é: suididh agus ithidh lé chéile bhur sáith. D'fhágadar an talamh i gcómhroinn gan aithne a choda féin ag aonne aca: i bpáirtidheacht: cóimhitheadh a's cómhthoradh aca air. I gcómhroinn an chruib a's na méar do gearradh me: an áit go bhfuilid dlúthuighthe le chéile. Is iomdha olc agus dochar tagtha de dhruim cómhranna na hÉireann: a deighilt 'n-a dhá cuid. A's me im gharsún ag tosnughadh iascaigh ní cómhranna do gheibhinn ach leath cion duine toisc mo laige a's m'aoise: oiread lé fear.

Táthaoi ar bhur gcómhroinn, a fheara, go subháilceach: “ar bhur ngreamannaibh”: béile bídh dhá chaitheamh agaibh.

cómhroinnim: *b.a.* roinnim go beacht, cómhthrom (lé, idir) riaraim codroma, deighlim. Cómhroinn an fuighleach so, níl ann ach coróin a’s cúigear agaibh chúiche: riar réal an duine oraibh: faigheadh gach duine agaibh a chuid mhacánta. Cómhroinnimís an mhéirdhéirc seo ar bhochtaibh an cheanntair ós againn atá an chómhacht: tugaimís an oiread céadna do gach naoidhe gádhtair, dréir a uireasbhaidh. Cómhroinneadh an t-úrlár ’n-a chúig sheómra a’s d’fhág san anchonnluighthe iad: deineadh chúig coda den úrlár agus iad deighilte ó chéile lé frighe.

cómhroinnteóir: *f.3.* cóimhdhealuightheóir; duine a chabhras lé duine eile nó breis i roinneadh aon ruda – airgead, talamh, etc.; riarthóir; duine a bhíos cómhpháirteach i riar ruda. Tháinig cómhroinnteóiridhe ón mbórd chun na Talmhan Béil Anáirde do riar ar mhuinntir na háite: beirt nó breis go raibh cómhacht aca an talamh do dheighilt ’n-a chodaibh a’s a riar. Is maith an cómhroinnteóir Dia ar mhaitheasaibh don bpeacach: riarthóir nó dáilteóir. Ní maith do raghaidh cómhroinnteóiridhe na cora gránda so: na daoine go raibh cómhlámh aca innte.

cómhruathar: *f.1.* ionnsaidhe foirtil; deargár, deargruathar. Bhailigheamair tímcheall an Dúna, chúig céad fear againn a’s fuighleach innealaigh cogaidh againn, annsan i gcoim oidhche thugamair cómhruathar fén namhaid gur tógadh an Dún linn: ruathar nó sidhe sanntach lé n-ár gcóimhneart. Cómhruathar i ngan fhios amháin a chlaoidhfidh an lucht cosanta: sidhe nó ionnsaidhe go mbeidh ár gcuid fear uile ’sa gcuid airm ann. I rith an lae ar fad do bhí an cath ar fuaidreadh eadrainn go dtáinig aithneartughadh céad fear orainn gur chuireamair cómhruathar ar an namhaid: cómhscaipeadh: teicheadh: ruaig a’s scaipeadh. Rugadh orainn gan choinne i ngleanntán, ionnsaidheadh ón dá thaobh sinn lé comhthrom ceart an aoird agus deineadh cómhruathar orainn nár tháinig ach fíorbheagán innste scéil as an mbualadh san: tugadh deargár orainn: is beag againn nár marbhuigheadh.

cómhrún: *f.1.* cómhchogar, cóimhchealg, cómhfholachar; coimhcheilt, cómhlocadh, cóimhbheartughadh; cóimhinntin. Bheartuigheadar i gcómhrún iachall do chur orm an baile d’fhágaint uatha d’fhonn a’s ná beinn ag canntáil rochtaireachta na ndaoine ortha trí earraidhe do dhíol níos saoire ná iad féin: cóimhcheangal daoine lé hinntin rud uilc do dhéanamh. Tá cómhrún agaibh ar me do chlaoidheachtaint, aithnighim ar an bhfuadar agus na himtheachta cómhchosamhla atá fúibh é: táthaoi ar aon inntin: is é an rud céadna atá ar maoith agaibh. Eagla ar bith ná bíodh ort go mbeidh an té seo d’áirighthe id choinnibh, bhagras air gan bheith, agus tá cómhrún agam air go gcoiscfeadh scannradh a scaoilte lé haonne é: rún, nó rud fé fholachas nách eól d’aonne ach dó-san, a’s dómh-sa.

cómhrúnaidhe: *f.4.* duine (i bhfochair a lithéid féin) a scríobhas leithreacha, a choimeádas cúntaisidhe, teachtaireachtaidhe do dhuine fé leith nó do chumann phoiblidhe fé leith; oifigeach poiblidhe go gcuirtear ar a ionntaoibh bainistighe earnála nó roinne éigin riaghaltais. Óir go bhfuil an oiread san oibre lé déanamh ní dóigh liom gur bh’fhéidir le haon rúnaidhe amháin gabháil tríthe, b’fhearr dhúinn beirt chómhrúnaidhthe

do spriocadh: rúnaidhthe a oibreóchas as lámhaibh a chéile. Bhíodh sé tamall ’n-a chómhrúnaidhe ag Roinn an Airgid gur haistrigheadh ’n-a phíomhrúnaidhe é d’Aire an Airgid: rúnaidhe cabhra, anois ’n-a árdrúnaidhe dho: ag obair i bhfochair nó fé smacht rúnaidhe an airgid. Cómhrúnaidhe dob eadh iad i mbeart cómhruathair an riaghaltais: gnaidhthe: cómhoibridhthe chun fala do dhéanamh ar an riaghaltas.

cómhscaoilim: *b.a.* scaoilim nó leathaim nó spréidhim. Leagadh mórán d’ár gcuid fear a’s sinn ag gluaiseacht i ndlúthbhuidhin nuair chómhscaoil an namhaid fúinn: chaitheadar piléir ar an uain gcéadna. Cómhscaoil a bhfuil d’airgead idir ór agus bhuidhe amach ar an mbórd in aon chnocán: scaoil i dteannta a chéile. Bád lobhtha dob eadh í, agus nuair bhuail sí pléasc chómhscaoil gach clár innte ó shnaidhmin go fosta: scaradar ó chéile ó n-a tosach go dtí n-a deireadh. Pé socrughadh atá déanta cómhscaoilfear anocht ar a hocht a chlog é ar an gcraolachán i Lonndain agus in Áth Cliath: leathfar amach mar nuadhacht é. Cómhscaoil an t-uisce as an gcrúsca go cneasta, ná scaoil ’n-a sconna é: scaoil dréir a chéile é. Cómhscaoilfidh na cogthaigh na bráigheanna atá i ngabhann aca an lá fógrófar síothcháin: scaoilfidh gach tír aca amach iad. Má cómhscaoiltear an lucht atá daortha le coir mharbhtha leó so atá fé ghlas le corthaibh sologhtha mar gadaidheacht beidhfear ag déanamh fásaigh nách eól lé ré braighdeanais: má scaoiltear amach bráigheanna go mídheighleach: i bhfochair a chéile.

cómhscaoileadh: *f.* (*-lte*) an scaoileadh céadna; scaoileadh nó fuascailt aonuanach, mórscaoileadh; scaoileadh dréir a chéile. Lé cómhscaoileadh na bhfonnsaidhe den soitheach lé triomas na haimsire d’imthigh cómhscaoileadh ar gach stabh leis: scaradh ó chéile. Bhris an beirleach ar thaisce an uisce i nGleann na Smól beagán bliadhan ó shoin gur scannruigh cómhscaoileadh an locha na daoine a chómhnuigh ar bhruach na Dothra ar mbeith don dtuile ag líonadh ’n-a dtightibh: gluaiseacht thapaidh, chómhacht an uisce a bhí teanntuighthe. Dia ag cómhscaoileadh ár gcruadhtan: ag fuascailt. Dia ag cómhscaoileadh ár bpeacaidhe: ag tabhairt maitheamhnachais iomlán ionta uile. Cómhscaoileadh na n-iomaidhtheóiridhe fén gcomórtas an ceart, gan báidh ná ciotaighe d’aonne: iad do leigeant ar a dtoisc in aonfheacht. Ar mbeith ag cómhscaoileadh na madraidhe as chochall a chéile do rug ceann aca orm go dóighte: dhá scur do bheith ag cómhrac. Riaghalacha cómhscaoilte atá san oifig seo, níl aon chléireach agaibh ná go mbuaileann isteach a’s amach mar is áil leis: riaghalacha ná fuil ceangalach go leór: riaghalacha gur féidir mórán brabúigh do bhreith ortha. Ní bheidh aon chómhscaoileadh ar an gcor so idir sinn féin agus Sasana go ceann trí mbliadhan ar a luighead: leigheadh nó scur. An bhfeiceann tú an scuabadh siubhail atá fén bhfear san? nách ’n-a ghéagaibh atá an cómhscaoileadh: líomhthacht imtheachta: lúthmhaireacht cnámh a’s snaithínidhe a’s féithleóg a chuirp uile.

cómhscrabhadh: *f.1.* buille ionannach féir, arbhair, etc., iolscrabhadh, aoniarracht. Buanaidhe maith go mbíonn an cómhscrabhadh aige ó cheann ceann guirt: buille díreach, gasta gan locht. Is deacair do dhuine an cómhscrabhadh céadna do chothughadh ar feadh lae gan faobhar anghéar: an buille ionannach céadna. Féach an cómhscrabhadh thug na sceacha orm nuair thuiteas i dtor díobh: an mórscríobhadh lámh a’s aighthe (aghtha). Déinimís cómhscrabhadh eile oibre sara stadam: déinimís speal i gcabhair a chéile: caithimís seal eile ag obair roim scur. Ar an íde atá ar a aghaidh bhí sé i gcómhscrabhadh

éigin, nó an tuiteam do dhein é?: i gcoimheascar: i mbruighin. Cómhscrabhadh mór scríobhnóireachta b'éigean dóibh do dhéanamh mar bhí broid aimsire ortha: anchuid oibre in aimsir ghearra. Cuir "aighdeaghain" ar lámhaibh a's aghaidh an leinbh sin, tá fuil as, nách é an cat do thug an cómhscrabhadh dho: scríobhadh mór lé n-a ingnibh.

cómhscrabhaim: *b.a.* tugaim scrabhadh i dteannta; scrabhaim go mór; scrabhaim in ionannas. Cad chómhscrabhaidh t'aghaidh ar fad?: cad do scríobh í?: cad do ghearraidh a's bhris an cneas? Chómhscrabhaidh mná na dtuinncéiridhe a chéile leis na hingnibh: scríobadar a chéile ó thaobh taobh: ní rabhadar chun deireadh lé chéile. Rug eascú fharraige ar mo mhéir a's tá sí cómhscrabhaidhte go maith 'n-a diaidh: gearrtha go mion, fairsing.

cómhshaoghal: *f.1.* an saoghal céadna; saoghal cóimhré; cómhchaitheamh an tsaoghail nó na beatha céadna. Arsa cómhairle an chosnaigh ag agall an choisde, "an dóigh lé haonne agaibh go bhfuil an fear so cionntach i gcoir marbhtha a mhná agus an cómhshaoghal síothchánta do chaitheadar i dteannta a chéile dearbhuighthe annso ag lucht a gcómharsan is aitheantais. Beart doichreidte seadh é": an saoghal lé chéile a bhí aca. I gcómhshaoghal nidhthe saora budh mhó brabúch na mbochtán ar mhaireachtaint: lé linn gannaidhe do bheith saor. Cómhshaoghal maith atá aige, má bhíonn ceal sócainidhe féin air anois agus airís bíonn tráthanna raidhse ollmhaitheas aige: saoghal maith dréir a chéile. Im chómhshaoghal 'sis iomdha duine fial a bhuail umam níor casadh aonne orm a sháróchadh ar fhéile é: lém ré ar fad.

cómhshloinneadh: *b.* (*-nnte*) an cinidh chéadna; an treibh chéadna; cómhainmiughadh. "Cad is ainm bhaistighe ded chómhshloinneadh, a Mhic Uí Mhurchadha?" – "Séamas" – "tuigim S. Ó Murchadha lánainm do chomhshoinnte". Sin iad lucht an tarta, gan aon tafant bheidís ag cómhshloinneadh a ndeoch a thúisce a's bheadh an focal as do bhéal: ag ainmniughadh a ndeoch as béal a chéile. An iongadh sinn do bheith muinnteardha? cómhshloinneadh dhúinn. Nár airighis riamh gur báidheamhail iad lucht aon chinidh?: an ainm treibhe chéadna atá orainn.

cómhshloinnim: *b.a.* sloinnim nó ainmighim i dteannta; cuirim ainm bhreise le. De Mhuinntir Chonchubhair ó n-a athair do agus de Mhuinntir Mhurchadha ó n-a mháthair, is lé galántacht, dar leis, chómhshloinn sé é féin, "Ó Murchadha Ó Conchubhair": dhúbail sé a ainm. Cómhshloinneadh beirt do bheart rúnaidheachta na roinne (na hearnála): do hainmigheadh an bheirt aca lé haghaidh a dtoghtha. "Seán meisceóir Ó Duinn", do thugaim-se ar an amhatais sin, "tá sé cómhshloinnte go fíor agat, meisceóir a's breillice seadh é". "Cómhshloinnidh bhur ndeocha, a cháirde", ars an raille leis na tnúthadóridhibh: ainmighidh d'aonghuth bhur ndeocha leis na falpéaraidhibh.

cómhshnaidhim: *b.a.* snaidhmim nó ceanglaim go dlúth lé chéile, bheirim le chéile. Cómhshnaidhmfear ambáireach an bheirt mar fhear céile agus bean chéile: pósfar iad. Dá gcómhshnaidhmteá mar budh cheart an dá théid seo ní bheidís ag scaoileadh: dá ngreamuighteá iad mar budh chóir. Tháinig an tuinncéir lé n-a ghoradh luaidhe agus chómhshnaidhm sé leis an gcorcán na cosa a bhí scartha uaidh: cheangail sé airís na cosa san ionad 'n-ar cheart dóibh do bheith. Dá mhéid tláithínteachta do dhein an chomplacht

eile linn chun teacht ar a dtaobh ní chómhshnaidhmfimís leó ar ór na cruinne: ní luighfimís leo. “Dá mbeinn-se”, ars an bhean bhorb cómhshnaidhmthe lé t’fhear-sa chuirfinn smacht air nó bhrisfinn sneadhmanna a dhroma! Ní chómhshnaidhmfidh an chos so chómh luath agus is dóigh lé daoinibh, tá an iomad ar fad goirtighthe uirthe: ní thiocfaidh an cnámh slán lé chéile mar is dual do. Chómhshnaidhm sé a bhéal agus dá mbeidhtí ghá cheistiughadh go maidean ní bheadh smiog as: dhún sé a bhéal go dlúth docht. Cómhshnaidhmtear cláracha plainnc báid ’ge n-a tosach mar a dtugtar an tsnaidhmin air: beirtear chun a chéile ann iad agus greamuightear.

cómhshnaidhm: *b.2.* *7* *3.* ceangal mar dhá théadán do nascadh ar a chéile, nasc, cumaidhe aghtha, achrann. An chómhshnaidhm do chuir sé ar a bhéal lé fonn gáiridhe ar chlos m’aindeise: na cumaidhe tímcheall a bhéil trí áthas m’anacra. Cuir cómhshnaidhm ar dhá cheann an tsnáithín bhriste: ceangail go dlúth dá chéile iad. Nuair caitheadh isteach i gcarcar mé sé rud a dubhairt an seidhléir go nimhneach, “tá cómhshnaidhm anois ort, a choirpthigh”: tá greim daingean ort. An mío-ádh féin ní réidhteóchadh an doradha so leis an gcómhshnaidhm atá air: an t-achrann: an aimhréidh. Leis na ciantaibh tá cómhshnaidhm idir an dá mhuinntir ó shaor sinnsear duit sinnsear dómhsa ar pháirc an chatha: dlúthcheangal muinnteardhais. Phósadar indé, anois tá cómhshnaidhm lé n-a saoghal ortha: ceangal doscaoilte.

cómhshnaidhmeadh: *b.* (*-mthe*) cómhdhlúthughadh, cóimhcheangal, uaim, teacht lé chéile go docht, dlúth. I gcionn naoi lá deirtear go dtosnuigheann cnámha briste ar chómhshnaidhmeadh: ar dhul go dlúth ’n-a chéile ceangailte airís. Ní thaithnigheann lé Sasana an Ghearmáin agus an Iodáil do chómhshnaidhmeadh muinnteardhais: muinnteardhas do dhlúthughadh go daingean. “Tréis sé chéad bliadhain”, ars an páipéar, “tá dhá threibh mhóra, Caomhánaigh agus Gearaltaigh, tréis cómhshnaidhmthe ar bpósadh d’inghin an Chaomhánaigh leis an nGearaltach: tréis teacht lé chéile in uaim phósta. Is andheacair dubhán gan luiseag do chómhshnaidhmeadh leis an losna de dheascaibh ceal greama: do shnaidhmeadh ar chuma ná scaoilfeadh sé.

cómhsholas: *f.1.* breacadh an lae nó tuitimín oidhche; léire-radhairce. A’s mo dhícheall do dhéanamh ní fhéadfainn a thabhairt chun cruinnis an duine nó ainmidhe a bhí ann toisc gur sa chómhsholas do chonnac é agus budh threise ar an oidhche ná ar an lá: an amhascarnach. Ní fada uainn an lá anois, dhearbhóchainn gurb é sin thoir cómhsholas na maidne: fuinneóga an lae: an chamhaoir. Thóg sé anáirde a dhá láimh i gcomhsholas do n-a raibh láithreach agus labhair i gcómhchlos dóibh ionnas gurbh eól dóibh cad a bhí uaidh. Dá mbeinn ag féachaint ó shoin ní thiocfadh áthrach i gcomhsholas dom: im radharc.

cómhshuidhim: *b.a.* cuirim lé chéile, cumaim, cumaiscim, dearbhuighim go daingean. Deir daoine gurb é Eoghan deaghdhathach a chómhshuidh an dán san, a thuilleadh gurbh é Aodhagán, péaca san é is cómhshuidhte an dán é: a chuir lé n-a chéile é: a chum é. Ars an poitigéaraidhe liom, “cómhshuidhfead an t-oideas so dhuit ar an dtaobh istigh de dhá uair an chluig, tá mórán gus ann agus caithfear tamall leis”: cumaiscfead: cuirfead lé n-a chéile. Focal cómhshuidhte seadh “comhthrom”: cómhfhocal: focal curtha lé chéile as dhá fhocal nó breis.

cómhthál: *f.1.* cómhghluaiseacht leachtaigh mar bainne as shinidhibh bó; tál in ionannas; tál gan sos. “A bhuachaillidhe”, ars an cladhaire tábhairneóra, “ólaidh, ólaidh, beidh an soitheach ag cómhthál oraibh!”: beidh an deoch ag sceinneadh as an mbaraille gan staonadh. Bó seadh í go bhfuil rud éigin ar a sinidhibh, ní bhíonn cómhthál aca, uaireannta bíonn ceann aca tachtuighthe ar fad: ní thagann an bainne in ionannas asta. Budh cheart duit cion do bheith agat ar do mháthair is í a thug an cómhthál duit: thug sí bainne a cíoch go flúirseach, neamhdhochmamhail. Dá mbeidhtheá choidhche ag cómhthál ar dhaoinibh áirighthe ní fhéadfá iad do shásamh: bheith ag tabhairt ’sag tabhairt dóibh budh mhar a chéile é.

cómhthálaim: *b.a.* tugaim bainne mar ainmhidhe; bheirim uaim go flúirseach, neamhmion; gluaisim mar leachtach as shoitheach nó uisce as charraig. Rófhada dhómhsa ag tabhairt dhuit go rabairneach gan puinn buidheachais, cómhtháladh duine éigin eile anois ort: tugadh duine eile dhuit go flúirseach. “Buailtear buag sa bharaille!” arsa fear an íota, “a’s cómhtháladh sé ar na fearaibh!”: tugadh sé as a bhfuil ann in aon tsruth amháin. Bó shochma a chómhthálas mórchuid bainne: a thugas uaithe gan duadh.

cómhthalán: *f.1.* cruinniughadh rinnce. Ní feictear cómhthalán ar bhóthar ná ar chrosbhóthar anois ó chuir an dlighe cosc lé rinncidhibh ach i hallaidhibh: bailiughadh daoine chun rinnce amháin.

cómhtharraing: *b.2.* (**cómhtharrac** *f.1.*) tarrac i bhfochair a chéile, cóimhchéim; taobh ar thaobh i gcomórtas. Ar mbeith ag dul des na fearaibh “hob” ná “héibh” do bhaint as an ngluaisteán do bhí ceangailte sa ghleann thugadar cómhtharrac foirtil, a raibh ’n-a gcroidhe ar fad, gur bhogadar í: gach aonne aca ar a dhícheall ag tarrac agus in aonfheacht. Chloisfeá an lucht geall ag béicigh ’sag béicigh na ngeall, suathadh agus líonrith ar gach aonne a’s an dá chapall tosaigh ar cómhtharrac ag déanamh ar cheann spric: suas lé n-a chéile gan órdlach breise ag ceann aca ar an gceann eile. Ar scoil bhíodh an triúr aca ghá fhéachaint lé chéile d’fhéachaint cé bhuaidhfeadh, i gcómhnaidhe ar cómhtharrac, gan faic lé maoidheamh ag duine aca ar an nduine eile: ar choimhrian. Bímís ar cómhtharrac agus seadh is fearr éireóchaidh linn, gnóth gan feidhm seadh duine nó beirt sa turus, ár gcabhair go léir in aonfheacht: gníomh gach aonne i bhfochair a chéile. Mo chómhairle dhuit, más rud é go dtarraingir do chuid airgid as an mbannc in ao’chor cómhtharrac do dhéanamh air a’s gan é go léir do tharrac in aonfheacht: é do tharrac ’n-a iarracht a’s ’n-a iarracht. In áit go mbíonn cómhtharrac ar rud is gearr go sroichtear a dheireadh: bheith do shíor ag tógaint as: gan aon líonadh in ionad an fhollamhuighthe.

cómhtharraingim: (**cómhthairngim**) cóimhtheanntuighim chugham, do bheirim fé léighe glactha nó diúltadh. D’iarraidh an ghunna mhóir do bhreith i gcoinnibh an chnuic a’s téad ag na saighdiúiridhibh air, do bhéic an t-oifigeach ortha, “anois, a fheara, cómhthairngimís, a’s ná bíodh neach agaibh díomhaoin”: tairngimís go léir d’aon iarracht. Is tú Pisín, margadh do dhéanamh leat, cómhthairngeóchaidh Séamas agus me féin dhá mhíle púnt ar an áit duit: i bhfochair a chéile cuirfimíd an méid sin airgid féd bhrághaid chun glactha leis nó diúltadh dho. An amhlaidh bhís breóidhte lé

déidheanaighe nó faic go bhfuilir chómh cómhthairngthe sin, na súile súighte id cheann, do leicne logardha: caithte, cnaoidhte, dulta chun deireadh.

cómhthoil: *b.3.* aontas, réidhteacht, aoninntin, aonghlór. B'é a gcómhthoil, oiread agus duine láithreach níor chuir 'n-a choinnibh, an bráighe do chur chun báis: aontadh a raibh ar an bhfód. Gan cómhthoil coisde ní féidir duine do dhaoradh dréir dlighe na talmhan: gan iad go léir do bheith ar aon aigne i dtaobh an chosnaigh. Nuair connacthas dom gur bh'é cómhthoil na ndaoine é do thoghadh mar theachta chúlas mar nár mhaith liom dul i dtreis na ndaoine: gur bh'é toil na ndaoine uile é. Tá an oiread san smachta aice air ná déanfadh sé fiú a's a lámh do thógaint gan cómhthoil a mhná: aontadh: a bhean do bheith sásta leis. An chómhthoil cheart is í do ghluaiseann ó bhreitheamhnas saor, an breitheamhnas a thagas ar an aigne gcéadna tréis breithnighthe an chúrsa.

cómhthoilighim: (**cómhthoiltnighim**) *b. n-a.* tugaim m'aontadh, m'aigne, m'inntin (le). Toilighidh-se go léir lé hiomghabháil na tíre seo ach choidhche ní chómhthoileóchad-sa leis ar son brabúch cogaidh: ní thabharfad mo thoil, m'aontadh leis: táim 'n-a choinnibh. "An gcómhthoilighir lé gnáthóig do cháirde do nochtadh dhúinn ar choingheall do shaoirse do bheith agat féin?" – "choidhche!" Má mheallann peacaigh tú, ná cómhthoiltnigh leó" (Seanráidhte 1. 10): ná himthigh 'n-a bhfochair. "Ná bítear", ars an breitheamh, "bheith d'iarraidh leathscéil d'fhagháil d'aonne aca seachas a chéile san gcoir seo – táid cómhchionntach, mar chómhthoiltnigheadar a déanamh": bhí aigne agus fonn gach aonne aca leis.

cómhthoilteanach: *a.* aontamhail, féicheamhanta, fonnmhar, deónach. Ní h-air is mó is cóir an mhilleán do bheith ach ar an ndream a mheall é, mar is eol dos gach aonne gur buachaill bog, cómhthoilteanach é, a bheadh leat ar aon rud d'iarrfá air do dhéanamh: fonnmhar. An mbeidhfeá cómhthoilteanach do chion do dhíol as ghluaisteán agus teacht go hÁth Ciath Dé Domhnaigh ag amharc an chluiche?: an mbeidhfeá sásta mar tá an chuid eile againn? Riamh níor bhuail umum aonne is cómhthoilteanaighe ar mhaith do dhéanamh ná é, ní fheaca riamh ag diultadh é: is mó go mbeadh fonn air teacht lé toil daoine eile: féicheamhanta. Nuair connacthas dom ná rabhadar róchómhthoilteanach ar fad ar a suaimhneas do cheapadh bhailigheas liom uatha: nár shoilbhir leó fanacht suaimhneasach.

cómhthráth: *b.3.* an tráth nó an t-am céadna; am a's aimsir thráthamhail. Shroicheamair tigh na cúirte i gcómhthráth, an doras isteach do bhíomair i dteannta a chéile: ar an uain gcéadna. "Tá eagla orm", ars an Ceann Stada, "ná beidh an traen i gcómhthráth, tá an oidhche chómh dona san": ná tiocfaidh sí isteach ar an am atá thíos di. Is baoghalach liom ná beimíd i gcómhthráth gan breis deabhaidh do dhéanamh, tá chúig mhíle bhóthar rómhainn a's gan againn ach uair an chluig: in am.

comhthrom: (**cómhthrom, cothrom**) *a.* den meádhachtaint gcéadna, i dhá gceann na meádha; mar a chéile, cóir, ceart; slinn réidh; ar chómhtharrac, chóimhrian, chómhchaitheamh. Comhthrom aon ualach don laige: taidhbhsigheann an truime nó an mheádhachtaint chéadna i ngach ualach. Níl dhá cheann na meádha so comhthrom, tá ceann aca árd agus ceann aca íseal: tá ualach níos truime ar thaobh ná mar tá ar an gceann

eile. Tá leathcheann ar an árdualach, dá bhrigh sin níl sé comhthrom: tá taobh de níos truime ná an taobh eile. Ná déintear leathtrom ar aonne, díoltar gach fear go comhthrom, an méid chéadna saothair atá déanta ag gach neach aca mar sin an luach saothair céadna atá tuillte aca: go cóir: go hionraic. Ní mór duit dhá úirlis chomhthroma d'fhaghail, an fhaid, an leathad, an reimheadas, an mheádhachtaint chéadna: dhá mhacsamhail. Má taoi láidir féin bí comhthrom: cóir: ceart: ná beir brabúch ar laige toisc do nirt. Talamh comhthrom seadh lár na hÉireann, gan árdán ná ísleán, cnoc ná clais: talamh réidh, é ar chómhaoirde os cionn tuinn uisce. Baile diallta lé hoibriughdh seadh é, níl aon ghort amháin ann atá comhthrom: ar slinn: gan cuid de do bheith níos aoirde nó níos ísle ná an chuid eile. Muna mbíonn do dhá mhaide rámha comhthrom ní rámhfair i gceart: cómhfhaid agus cóimhmheádhachtaint. Budh dheacair a rádh ó thúis deireadh ceaca a bhuaidhfeadh, bhí an dá chapall comhthrom go deireadh thiar thall nách mór: ar chóimhrian, gan ceann aca pioc chun tosaigh ar an gceann eile. Tagann sé deacair orm coimeád ar cóimhchéim leat mar ná siubhalann tu comhthrom: siubhalann tu anacair: ní shiubhalair in ionannas. Bí comhthrom liom agus déanfad níos fearr: bí níos géilleamhla liom: ná bí ródhian orm. Níl an bórd ar comhthrom, tá sé ag luascadh: níl sé réidh.

comhthrom: (**cómhthrom, cothrom**) *f.1.* ionracas, cóir, ceart gníomhtha; lommheáchain; ionad acrach; búntáiste; gar. Árduigh an t-ualach breis ar do dhrom a's beidh comhthrom agat chuige: is fusa dhuit a iomchar. Táir ag obair in áit ná fuil aon chomhthrom agat, róchúmhang, ró-achrannach: slighe cheart chun oibre. Tabhair comhthrom duit féin, stad ar feadh tamaill a's ná bí ag obair gan stad: tabhair cao dhuit féin: ná bí chómh dian ort féin. Éirigh den gcathaoir sin, níl aon chomhthrom agat innti, tá sí róghuagach: níl aon tseascaireacht agat innte. "An bhfuil comhthrom agat ar threabhadh leis an gcéachda san?" – "níl, mar tá na hannlaidhe róghearr". Is é an diall féin síneáil do phlástráil mar ná bíonn an comhthrom ag duine air, toisc bheith ag obair uaidh anáirde: ionad acrach, slighe bhúntáisteach. Comhthrom seadh bheith ag obair féd bhun, míchomhthrom seadh bheith ag obair os do chionn: fusacht seadh obair féd bhun; duadh mór seadh bheith ag obair os do chionn. Tagaimís i gcomhthrom na taoide agus seadh is fusa dhúinn dul treasna: os cionn na taoide .i. cuir i gcás gur ó thuaidh do bheadh an taoide ag caitheamh agus gur mhian dul soir nó siar, sé chialluigheann sé teacht (dul) i gcomhthrom na taoide druideam ó dheas go maith ós rud é go mbeadh an taoide "ag baint uait" agus ghod shughadh ó thuaidh. San amharclann ní rabhas i gcomhthrom cheart ar cad bhí dhá rádh do chlos mar bhíos rófhada ón árdán: an t-ionad 'n-a rabhas ní raibh sé caothamhail ná acrach. Tusa a bhí i gcomhthrom é do chlos a bhí buailte leis: go raibh cao cheart agat ar é do chlos. Connus chídhfinn é a's gan aon chomhthrom agam air, cnapóg mhór thalmhan idir mé agus é ag baint a amhairc díom. "Coimeád an comhthrom anois ortha", ars an t-imirtheóir lé n-a pháirtidhe ag tagairt don ndream go rabhadar ag imirt 'n-a gcoinnibh, nuair bhíodar beagán éigin ós a gcionn san imirt .i. congaibh an bhúntáiste ortha atá againn ortha. Ghluais an chú 'san girrfhiadh anuas lé comhthrom an chnuic: lé fánaidh an chnuic: brabadhas nó búntáiste do bheith ag gabháil anuas in ionad bheith ag gabháil suas. Ar bh'iongadh siubhal do bheith fén mbád a's comhthrom taoide a's gaoithe aice: an gar nó an tairbhe a thagas dá mbarr. Stadaidh anois go fóill, tá comhthrom ag duine agaibh ar an nduine eile, táir-se san árd: an tairbhe a thagas do dhuine aca bheith ar thalamh níos aoirde. Seirgthe, lom, caithte 'sis mar sin atá sé, agus sin é díreach a deir comhthrom an tsaoghail leis: an ceart (nách ceart sa treis seo) atá

fachta aige ón saoghal. “Connus tá ag éirghe leat?” – “ní ceart gearán; tá comhthrom an tsaoghail liom, buidheach ’o Dhia”: tá gar nó imtheacht an tsaoghail ar mo thaobh. “Cad é an déanamh do gheibhir san dtigh sin?” – “comhthrom glan”: ionracas ar gach rud: ní déintear aon leathchuma orm. Chaitheas tamall fada ag lorg, mar dhuine iasachta san áit dob eadh me sara bhfuaireas comhthrom na hoidhche: lóisdín oidhche. Thíos cois na tuinne is minic do chaithim seal, sínte siar lé gréin, ag machtnamh ’sag smaoineamh dom féin gan aon mhairg orm ach oiread le bacach a chaithfeadh a mhála dhe – ar mo chomhthrom: ar chuma ansheascair ar fad. D’oirfeadh ór dom, mar táim ag dul in imigcéin agus má thugair dom é tabharfad comhthrom airgid bháin (in airgead bhán) duit: a luach: a chómh. Chabhair sé liom ar feadh dhá lae ag aistriughadh rothaidhe agus thugas a chomhthrom cóganta dho ag cabhradh leis ag gárdnóireacht: thugas a chómh cabhartha dho. Dá mbriseadh Dia a chroidhe ann d’iarraidh dul chun cinn leat, choidhche ní bheadh sé i gcomhthrom leat: chómh maith leat. Cuir a thuilleadh sa mheádh, ní dóigh liom go bhfuil mo chomhthrom tómhais agam: mo cheart tómhais: an méid atá ag teacht chugham dréir cirt. “San gcúirt seo”, ars an breitheamh, “gheóbhaidh gach neach comhthrom”: gheobhaidh gach neach a cheart dréir dlighe nádúrdha. “An comhthrom é?” ars an duine bocht, “mise go bhfuil muirear mór orm ag brath ar dhá phúnt sa tseachtmhain chun ár gcothuighthe a’s me ag dubhobair agus daoine eile gan muirear gan duadh oibre a’s airgead ’n-a chnocánaibh aca?”: an ceart é: an nidh ionraic é: dréir Dé a’s duine a’s tuigseana an rud díreach é. I gcomhthrom an lae indiugh fiche bliadhain ó shoin seadh d’éag sé: i gcómhaireamh. I gcómhthrom ráithe ón lá ambáireach buailfead leat in Áth Cliath: an lá céadna. “Ná bíodh aon líonrith ná faitchíos ort”, arsa fear tighe liom, “bí ar do chomhthrom” lé n-a lághaicheacht nuair connacthas do go raibh scáinteacht orm: bí ar do shuaimhneas: bí buanamhail ar an dtigh. Mhaoidheadh na sean-Éireannaigh an oiread san as an gcóir agus an ceart agus an cómh do thugaidís dá namhadaibh, fiú amháin go raibh seanfhocal aca “Comhthrom na Féinne” dá chur in iúil ná raibh aon rud idir lucht imris nó comórtais budh dhírighe ná é .i. da mbeidhtheá it aonar ’n-a measc nár ghábhadh dhuit aon eagla do bheith ort ná go bhfaghfá do cheart uatha. Eagla mo dhóthain do bhí orm lé fánaidh an chnuic agus an siubhal ar fad do bhí fén ngluaisteán ar dhrochchoscaibh ach nuair thángamair ar chomhthrom talmhan bhí m’aigne níos sásta: talamh réidh.

comhthromach: *a.* ceart, cóir, réidh, slinn, tuinn, ionann. Ar dhul i gcómhpháirteachas dóibh sé margadh a bhí eatartha bheith leath beartha leath caillte, i ndeireadh na bliadhna bhí dhá chéad púnt sochair déanta aca agus roinneadar comhthromach eatartha é, sé sin, céad don duine. Rud anchomhthromach atá déanta agat gan ach an déirc do thabhairt do naoidhe na déirce: rud cóir: rud ionraic: rud dréir Dé. Má tá ualach trom féin ar an gcapall tá an talamh comhthromach a’s gan aon árd ’n-a choinnibh: réidh: slinn: dréir a chéile: gan lag ná ísleán. Féach ar an slios cnuic sin a’s nách gearbach do thaidhbhsigheann sé, budh comhthromaighe go mór é céad bliadhain ó shoin sar ar baineadh an mhóin de, cloch aca san ní raibh nochtuighthe an uair sin: budh réidhe é. Caithfear an plána do chur ar an mbórd so agus é do chur go maith air sara mbí sé comhthromach ’n-a cheart: uachtar slinn, sleamhain do bheith air. Choirfeadh sé thu bheith ag gabháil trí lár na hÉireann comhthromach, gan cómhartha talmhan cnoc ná eile ann: réidh: é go léir ar nós do bhaise.

comhthromaidheacht: *b.3.* ionracas, cao chóir. Dá bhfaigheadh sé comhthromaidheacht ’n-a óige, biadh maith, glanachar agus oileamhaint budh bhreágh an fear do dhéanfadh de ar a fheabhas atá sé agus an anacra go léir do fuair sé: cao mar budh cheart. Fuair sé comhthromaidheacht ar airgead do dhéanamh lé n-a linn, mar ná raibh freasabhra tráchta ar bith ar an mbaile aige: cao an-mhaith ar fad: bhí gach aon rud ar a thaobh. Fág mar seo me, léd thoil, táim comhthromach go maith sínte mar seo, seadh is lugha bhrathaim an tinneas: seascair: an chuma is fearr a oireas dom.

comhthromamhail: *a.* réidh, búntáisteach, sochrach, caothamhail, cúláisteach, garamhail, ar dheise. Ní iarrfainn suidheachán budh chomhthromamhla ná cathair shúgáin, brathaim ar mo shástacht innte: budh sheascaire. Budh chomhthromamhla liom go mór rámhaidheacht i dtosach báid ná i ndeireadh: bhrathfainn níos sásta i gcorp ann. Tá an radharc ag imirt lé fada orm, ach ó thosnuigheas ar spéaclaidhibh do chaitheamh tagann léightheóireacht níos comhthromamhla orm: is fusa dhom léigheamh: léighim gan an oiread duaidh. Ní capall comhthromamhail ’n-a dhrom in ao’chor é, dá gcuirfeá ag sodar é shuaidhfeadh sé an t-anam asat: bheith in iallait air, cuir i gcás, bheadh sé ghod shuaimhneáil. Cuirtear go leór peiliúracha lé n-a dhruim agus bíodh sé ’n-a shuidhe aniar sa leabaidh, seadh is comhthromamhla bhraithfidh sé: is seascaire: seadh is suaimhneasaighe bheidh a bhaill beatha. Baile comhthromamhail seadh é: baile soshaothair: baile gur furaiste curadóireacht do dhéanamh ann. An bhfuil an bád san comhthromamhail lé rámhaidheacht?: furaiste. Do bhíomair ann comhthromamhail, subháilceach, cuideachta soilbhir ag ól ’sag cuideachtanas: gan mairg ar bith. Talamh maith seadh é sin, tá a rian air tá feirmeóiridhe comhthromamhla ann: feirmeóiridhe neamhspleádhacha. Ceaca bóthar aca so is comhthromamhla? is fusa lé taisdeal. Díoltar bróga maithe ann gan amhras, ach nílid chómh comhthromamhail leis na brógaibh a díoltar sa tsiopa eile: chómh sochaithte: chómh furaiste siubhal ionta. Is comhthromamhla dhuit go mór an t-aistear ná an cómhgar, níl sé chómh hachrannach: is fusa agus is réidhe agat lé gabháil.

comhthromas: *f.1.* ionannas, ceart, cóir, comhthromacht, ionad búntáisteach, búntáisteacht. “Tá”, ars an feirmeóir feargach “an comhthromas do fuaireamair i lagughadh an chíosa nuair scaramair lé tighearnaidhibh talmhan caillte againn anois i méadughadh cánach a’s béas orainn, rud nár bh’eól dúinn riamh roimhe seo”: an gar mór do fuaireamair. “Dá mbeidhtheá ag cainnt choidhche”, ars an fear ameasc an lucht éisteachta, leis an té a bhí ar an árdán ar chómhdhaonnachas, “ní bheidh comhthromas ameasc daoine”: ionannas: ní bheidh ar an aiste chéadna. “Níl aon chomhthromas sa tsaoghal so”, ars an bacach ag siubhal an bhóthair nuair d’fhóbair do ghluaisteán fuadair gabháil lastuas de: níl aon tslighe córa ná cirt ann ná sásaimh ag an bhfear lag. Anois ó fuair sé an seantáille tá breis chomhthromais aige: is fearr as atá sé: is mó atá sé ar a dheis.

comhthromuighim: *b.a.* cóimhmheádhaim, cuirim in ionannas, cómhthómaisim go beacht, ceartuighim, cóirighim. Comhthromuigh an t-ualach ar na hainmhidhthibh, nó ní dhéanfaidh an bheart treasna na conarach, tá an iomad ar chuid aca agus a thuilleadh a bhéarfadh breis leó: cuir an oiread chéadna dréir a nirt ar gach ceann aca. Níor chomhthromuigheadar iad féin sa bhád, bhí a rian air nuair chuadar rómhór ar leathtaoibh

do buaileadh a béal fúithe: níor leathadar amach ar a fuaid i slighe a's go mbeadh an t-ualach in ionannas innte. Druid isteach (sa leabaidh) uaim, comhthromuigh annsan tú féin léd thoil: ceartuigh tú féin: luigh i slighe a's ná beir ag teacht i ngiorracht domsa. "Gach anacair agus gearán atá oraibh", ars an poilitidheachtaidhe roim an dtoghadh, "comhthromócham-na é nuair bheimíd i gceannas": tabharfam fuascailt díbh air. Dheineas mo lándícheall ar an achrann a bhí eatartha, ghá chur 'n-a luighe ortha go gcomhthromóchadh an dlighe eatartha é gan mórán costais agus b'fhéidir annsan ná beidís sásta: ná socróchadh an dlighe chun a sásta é. Féach an bheirt sin atá ag dul i muineálaibh a chéile, comhthromuigh eatartha: réidhtigh eatartha ag tabhairt a cheart féin dos gach aonne. Comhthromuigh láthair an tighe sara leagtar an chloch fhotha: scartar an talamh agus cuirtear ar slinn é. Ars an dochtúir, "óladh an t-othar an cogus so trí huaire ist ló tréis bídh agus comhthromóchaidh sé a chuisle": cuirfidh sé a chuisle ag bualadh mar budh cheart di.

comhthromuightheach: *a.* d'fheidhm rud do chomhthromughadh nó do chóimhmheádhadh; do chur an chirt nó na córach i bhfeidhm. Níl aon rud is comhthromuighthighe chun scéil achrannaigh idir dhaoinibh ná an dlighe: níl aon rud is fearr ná í chun réidhtigh do dhéanamh. Rud comhthromuightheach go maith seadh airgead: tá sé de bhuaidh aige cúrsaidhe do réidhteach.

comhthromuightheacht: *b.3.* ionannasacht, ionannas meádhachana nó cómhachta. Nuair íslightear an mheádh bíonn deireadh le comhthromuightheacht. Ní mór ná go mbíonn peaca an tómhais ar an siopadóir céadna, ní bhíonn aige ach an earra, an tomhas i gcomhthromuightheacht: iad araon i dhá gceann na meádha: an mheádhachain chéadna.

cómhthroscadh: *f.1.* (*-aidh*) troscadh dhá dhéanamh ag gach aonne. Tá muinntir an tighe go léir ar cómhthroscadh indiugh, Aoine an Chéasta: troscadh fóirleathan. Déinimís beirt cómhthroscadh agus úrnaighe ar son na marbh: téidheadh an bheirt againn ar troscadh lé chéile.

comhthruime: *b.4.* den dtruime nó mheádhachtaint chéadna, ionannas. Comhthruime don lag aon ualaighe troma: an tromas nó an mheádhachtaint chéadna do bhraitheann sé ionta. Cromann an duine lé comhthruime na haoise: lé méid ualaigh na haoise. Comhthruime na haicíde ar an gceanntar, ní mór go raibh baile ann ná raibh sí, do scannruigh na dochtúiridhe: an tslighe 'n-a raibh sí scaipighthe ar fuaid na háite fé mar déarfá "bíodh mar sin".

cómhurchar: *f.1.* mórán piléar nó urchar dhá chaitheamh in aonfheacht. Nuair bhuail Séamas na mBiorán an fhaithche aníos ní ag siubhal do bhí sé ach ag rith, mar bhí leanbhaidhe an bhaile ar a thóir a's gach aon chómhurchar cloch dhá chur lastuas den bhfear bhocht aca: mórán cloch ag teacht 'n-a gceathannaibh air. Fiche saighdiúir aca a bhí i gcoinnibh an triúir againn, iad ag caitheamh cómhurchar ar chómhurchar linn nár bh'fhéidir linn ár gceann d'árdach: caitheamh mear, tapaidh.

comórtas: *f.1.* iomaidh, iomaidhtheóireacht, cóimhéilightheóireacht, dréim, cosamhlacht, imreas, iomardas, comhrac, coimhlint, spairn, iomrascáil. Os chionn dhá céad

iomaidhtheóir i scrúdughadh comórtais a's gan ach fiche beart anáirde: dá chéad cóimhéilightheóir ghá fhéachaint lé chéile a's gan ach an fiche is fearr gur maitheas dóibh buadhachtaint. Beidh comórtas peile idir dhá fhoirinn mhaithe i bpáirc Chrócaigh Dé Domhnaigh, a's péaca a bhuaidhfeas beidh craobh Éireann aice: foillsiughadh sáruighthe: coimheascar go gcuirfidh a chríoch in iúil an bhuidhean is fearr imirt. Níl aon ghnóth ag duine macánta dul i gcomórtas lé bleaigeárd: dul ar aon rian leis: na nidhthe do dhéineann sé do dhéanamh nó argóint do chothughadh leis. Cad é mo ghnóthsa, duine bocht, dul i gcomórtas leat-sa, duine saidhbhir?: dul ar chómhchaitheamh leat: d'iarraidh bheith níos fearr ná tú nó chómh maith liom a's gan gustal agam air. Ní haon chomórtas d'fhear fhoghlumtha mar tusa caimiteánach mar eisean ná raibh riamh ar scoil: eisean do thómhas a's do mheas dréir do cháilidheachta-sa. An bhfuil sé ceangailte id cheann dáríribh ghlan, nó an ag magadh fúm atáir gur b'fhearr d'Éireannach Domhnall Ó Conaill ná an Peáirnéalach? Nára slán comórtas! a mhic ó: ní raibh aon bhreith aige air: b'fhada buidhe uaidh bheith chómh maith leis. I gcomórtas lé seandaoinibh eile a mhaireas céad bliadhain fear óg seadh é mara bhfuil sé ach i mbéal na gceithre fichid: a mheas dréir aoise. Bead-sa i gcomórtas leat, mhuise, ceannóchad hata suaithinseach mar é sin ort: bead mar thu: chómh maith leat. Shaoileas gur tú do chonnac uaim ar an sráid, ach níor thú ach duine i gcomórtas leat: duine cosamhail leat id dheallramh. "Cé chuirfeá i gcomórtas leis?" – "an diall duine, mar ná fuil mac a shamhailt ar t'eolas": cé hé go ríomhfá a dheallramh a chuirfeadh sé i gcuimhne dhuit. Ní comórtas d'aonne an sagart, duine lé Dia seadh é: ná téidheadh aonne ag dréim leis: ná bactar dá ráidhtibh ná dá ghnóthaidhibh, ach rud do dhéanamh. Bhuaidh a dheileamhas ar an ndiall féin, raigheadh sé i gcomórtas leis an bhfear is fearr i gCúige Mumhan: raigheadh sé chun cinn leo. "Connus tá an imirt seo anois, a's ná bacaidh iarghleódh?" comórtas an ceathrar againn – táimíd ar cómháireamh díreach: tá aon imirtheóir chómh maith lé n-a chóimhimirtheóiridhibh. "Cad fuairis ar do bheithidheach, a Shéamais?" – "ní mór san, a chroidhe, ní raibh an comórtas rómhaith agam": ainmhidhe a mheasfá (olc nó maith) lé hainmhidhthibh eile dá cineál. Níl oiread gleóidh argóna indiugh agat agus is gnáthach leat, tá do chomórtas leat: do chómh: duine a chuirfeas tríot ughamachaibh thu. Comórtaisidhe nirt maidir lé líon na bhfear dob eadh an dá arm: cómhoiread ar an dá thaobh. "Céagainn gur giorra a phingin don spric?" "órdlach uaithe an bheirt agaibh", comórtaisidhe seadh sibh: ar cómhchaitheamh. Is mór an comórtas me dhuit go deimhin: nách me an comórtas duit: ní fhéadfá me do chur in iomaidh leatsa; ach! is mór an comórtas tú dhom, go deimhin: níl aon bhreith agat orm: ní féidir tú do chur i gcomórtas liom. Chuir sé an fhearg i gcomórtas leis an dteine chroidheirg(e): go raibh sí mar í le teodhacht a's lé díobháil. Má chuirir i gcomórtas an tionntódh so leis an gcainnt bhunaidh chídhfir go ndeárna sé céad abairt d'aistriughadh focal ar fhocal: má chuirir i gcosamhlacht iad: má mheádhair agus scrúduighir a ndul a's a gciall.

comórtaiseach: *a. foillsightheach* lé n-a chur i meas ruda eile; ionchurtha, cómhnáirdeach. Níl neach comórtaiseach leis in eólas na Gaedhilge – tá sí aige go flúirseach: is féidir do mheas leis ar eolas uirthe. Níl aon tsubháilceas beatha comórtaiseach lé haoibhneas caradais stuamdha ionraic: is féidir do mheas leis. Is comórtaisighe go mór loch mhór, fhairsing le farraige ná le habhainn: is mó an clódh farraige uirthe: is deallramhtaighe. Ní comórtaisighe do shúile le súilibh t'athar ná lé súilibh do mháthar: is lugha chuirfidís i gcuimhne dhuit iad. Is comórtaisighe lé

máirnéalach tú ná lé feirmeóir leis an gcaipín baise sin agus an léine ghorm: cuirid sin clódh agus imtheacht an mháirnéalaigh ort, rud ná déinid clódh an fheirmeóra. Budh chomórtaisighe an bheirt seo atá cómhaoirde, cómhaos, comhmheádhachain do chur ag iomarascáil ná an suarachán garsúna san agus an fathach fir seo: dob ionchurtha é: is air is mó do bheadh blas na córa. Is é seo an cluiche is comórtaisighe d'imreamair indiugh, imirt andhian anshuaidhte seadh í: an cluiche is déine a himreadh a's is mó líonrith.

compánach: *f.1.* cóimhchéile; guallaidhe, caomhnaidhe, seise, cómhaistreach, páirtidhe, comrádaidhe, comhlach. Glaoidh isteach ar do chompánach ní béasamhail dhúinn é d'fhágaint 'n-a bhambairne ar leathtaoibh: ar an té atá léd chois: coidreamhach. Compánaigh mheathta a theich uaidh a's d'fhág 'n-a uath a's 'n-a aonar é, in aghaidh a namhad: daoine gur gnáth leis bheith 'n-a gcuideachtain. Ó fuair mo chompánach bás is doiligh mo thoisc: mo chéile bheatha. Compánach an chuirp an t-anam: seise: dís a ghaibheas go dlúth lé chéile ar feadh tamaill. Thugas fé ndeara compánaigh éigin ar an mbóthar 'on Daingean leat: cómhaistrigh: daoine a bhí id chuideachtain, id chomhluadar siubhail. Ní h-in a aonar riamh do dhein sé beart mhuirearach mar í gan chabhair chompánach: cóimhleacaidhthe: lucht cuidighthe leis.

compánach: *a.* ar dháil gnéithe compánaigh; soilbhir, miochair. Ní bhfaighinn cortha dá chuideachtain choidhche, duine saonta compánach seadh é: soilgheasach, ionchoidrimh. Is ait liom thu mar bhean chéile, pé easaontas a bhíos eadrainn ag baile déin iarracht ar bheith compánach ameasc daoine deóranta lasmuigh: bheith cómhluadarach, lághach, cneasta.

compar: *f.1.* an chabhail, an t-ucht, an corp, corplár. Thug sé sidhe sanntach fé n-a chómhspiarnaidhe gur léim 'n-a chompar a's gur bhain a anál de: i gcorplár a chabhlach. Féach ar an gcompar san le toirt a's deallramh, ní fuláir liom nó tá árdneart ann: ar an gcopr taithigeach san. D'ionnsaidheadar a chéile ar an mbeaignit gur chuir duine aca go dornchladh i gcompar chléibhe a fhreasabhraidhe é: i lár go doimhin.

comparáid: [**compráid**] *b.2.* comórtas, cosamhlacht. Léd thoil ná cuir mise i gcomparáid lé haonne, ní thaithnigheann an béas liom: ná tabhair aon iarracht ar chosamhlacht do dhéanamh eadrainn. Ní maith leat cruithneacht na hÉireann lé n-itheadh, b'fhéidir nách maith í, ach cuirimís i gcomparáid an t-arán a deintear di agus an t-arán dubh, tur atá dhá itheadh aca i dtíorthaibh eile lé holcas: meádhaimís gnéithe agus cáilidheacht a's rith an dá shaghais. Níl aon chomparáid (compráid) idir choirce lom agus seagal mar bhiadh do chapall oibre: níl na tréithe maitheasa atá sa choirce in ao'chor sa tseagal. "An eól duit ach beirt a shiubhalas sráideanna Átha Cliath lé n-a lámhaibh laistiar dá ndruim, me féin Ghéats?" – "sin é críoch na comparáide!" arsa Séamas (bárd) Ó Súilleabháin, go gonta: sin í an t-aon ghné amháin choitcheann agaibh. Cuirtear nidhthe i gcomparáid lé chéile chun cosamhlachta do chiallughadh agus i gcómhnáird lé chéile chun a n-éagsamhlachta d'fhoillsiughadh. Comparáid idir nidhthe cosamhla; cómhnaird idir nidhthe éagsamhla.

comparáideach: (**compráideach**) *a.* ar dháil measta dréir compráide; neamhdhearbhtha. Maith dhearbhtha seadh an bhláth, a haistriughadh cun ionaid do thabhairt don dtoradh,

sin maith chompráideach. Níl do shíntiús scillinge compráideach in ao'chor lé n-a shíntiús chúig phúint: ní féidir a gcoimhmheas.

compás: *f.1.* úirlis deilbthe ar chuma gur féidir leis an snáthaid adhmaintigh saorghluaiseacht do bheith aice, agus ar an gcuma san ag deimhniughadh na nóinlíne adhmaintigh nó aon ionad agus treó rud i dtreis an nóinlíne sin - an gléas adhmaintigh chun luingis do stiúradh; boghaisín; coirimeall; iomchuairt. Chúig míle fichead míle, nó mar sin a háirmhightear i gcompás na cruinne: 'n-a tímcheall: iomchuairt. Sín chugham mo chompás, teastuigheann uaim coirceal do bhaint: gléas chun fíoghar do bhaint. Tá compás mo shaoghail istigh: tá mo bhás im ghaobhar. Chaillis do chompás, is fada ón nDaingean tú más ann atá do thriall: táir as t'eólas: táir amugha. Bheadh compás maith agam, is dócha, sa chathair a's bheith ag brath ort, is mór 'sis fairsing é t'eólas uirthe: treóraidhe maith.

compórd: *f.1.* (*iol.* compóird) sástacht, aoibhneas, soilbheas, seascaireacht. Sid í an leaba gan compórd lé tocht ná smóirt (dá olcas é) innte ach an clár cruaidh: an leaba gan seascaireacht: gur deacair suaimhneas do theacht ar aonne innte. Á, is mór an compórd an suidheachán bog so fém thóin in ionad bheith im sheasamh: cúis áthais agus sástachta. Thugas biadh agus deoch agus pé compórd d'fhéadas dos na bráigheannaibh do cuireadh ar mo chúram: rudaidhe a mhisneóchadh iad 'n-a gcruadhtan: rudaidhe mar leabhartha lé léigheamh, éadach cnis glan, etc. Labhair leis a's tabhair compórd don bhfear mbocht, tá sé an-uaigneach: briathra cómhfurtacht a fhuasclóchadh a bhrón ádhbhar éigin. Compórd dochuimsighthe seadh teine mhaith i dtigh in aimsir fhuar, is geall lé leathbídh í: seascaireacht, aoibhneas. Suidh ar an stól árd so a's tabharfaidh sé breis compóird duit, tá san agat ró-íseal pic: tabharfaidh sé breis suaimhnis dod chnámhaibh a's sástachta dot aigne. Níl faic a raigheadh chun a chompóird ná go bhfuil aige: biadh maith, éadach maith, tigh glan, slachtmhar a's gustal: gach aon rud a raigheadh chun aoibhneasa a's sástachta. "An dóigh leat go ndéanfá an gnóth so fé Shatharn dom? do bheinn fé chomaoin agat dá bhféadfá?"- "fé chompórd": gan aon duadh: ní chuirfidh sé pioc as dom: go bog. Ní thabharfaidh a bhás aon chompórd do dhaoinibh bochta, b'fhuraiste dul agus do ghearán do cháiseamh leis agus fuascailt d'fhagháil: aoibhneas aigne. Bíonn compórd don éiglidhe an dochtúir dá fhiosrughadh: sásamh a's faoiseamh ar a ghearán. Dá mbeadh an compórd aige a bhíos ag fearaibh eile dob acfuinneach, groidhe é ar an gclódh atá air a's gan riamh aige amhgar a's anacra: dá mbeadh beatha sheascair aige.

compórdach: *a.* seascair, subháilceach, ar dháil compóird. Tá sé anchompórdach mar tá sé in áit chompórdamhail: sásta. Is compórdach a chodluigheas duine ar chneidh dhuine eile: is socair, neamhshuimeamhail. Faigh suidheachán níos compórdaighe ná an tseanchathaoir sin: níos socamhla: gur fusa fanacht suidhte innte go sásta. Tá féar sé mba de thalamh aige níos compórdaighe ná tá as so go Daingean: roinnt thalmhan a chuireas ar a shocracht é.

compórdacht: (**compórdamhlacht**) *b.3.* ar dháil bheith seascair socamhail, réidh. Lé compórdacht an tsuidheacháin níor phras leis é d'fhágaint agus seasamh: lé n-a shócamhlacht: a réidhe agus a fheabhas do shásaimh sé é bheith air. An chompórdacht do bhaineann sé as an gcathaoir mhór cois na teine teólaidhe, sínte siar innte 'n-a

leathchodladh leathdhúiseacht. Níl aon teóra leis: an subháilceas 'san bhreághthacht do chuireann ar a chorp, a's an suaimhneas sámh ar a aigne: dáil an tsáimhe idir chorp agus aigne do gheibheann ó rud ar bith.

compórdaidhe: *f.4.* cómhfurtóir, duine a thugas compórd uaidh do naoidhe a ghádhtair. Dia an compórdaidhe éachtach: níl aon chompórd mar an gcompórd a thagas ó Dhia. Compórdaidhe maith oidhche fuaire seadh pluid olna: ball a thugas subháilceas.

comrádaidhe: *f.4.* céile; cóimhionann. Sid í mo bhróg dheas (bróg na coise deise) cá bhfuil a comrádaidhe?: a céile: a seise: an bhróg chlé. Tá solas mo dhóthain sa tsúil dheis ach níl néal 'n-a comrádaidhe: sa tsúil chlé. B'fhada a bhí ag rith leis ag gabháil lastuas des na daoinibh, ach bhuail a chomrádaidhe leis sa deireadh a thug deabhasáil an ama dho: a chomh: a sháthach, comórtas: a chomhthrom: duine inneamhail do. Ag síorlorg, níl aon chomrádaidhe agat ach bacach: aonne eile mar thu: cosamhail leat.

comráidaidheacht: *b.3.* caomhtacht, guallaidheacht, cóimhleacaidheacht. Duine seadh é ná bíonn comrádaidheacht aige le haonne: duine ná coidrigheann cuideachta. An raibh neach, an bhfuil a fhios ag aonne?, i gcomrádaidheacht leis nuair goirtigheadh é: an raibh aonne 'n-a fhochair. Cheap cách go bpósfaidís a's a fhaid chaitheadar i gcomrádaidheacht a chéile: i gcoimhdeacht 'si gcuideachtain a chéile: i gcoidreamh. Buachaillidhe agus cailínidhe go bhfuil comrádaidheacht dhlúth lé chéile aca, bíd i gcómhnaidhe i bhfochair a chéile go muinnteardha, subháilceach. Ná déin aon chomrádaidheacht liom, ní theastuigheann do chuideachta ná do chómhrádh uaim: ná bíodh coidreamh agat liom: ná bí ar dháil dlúthmhuinnteardhais liom: ná bíodh síos ná suas agat liom.

comráideach: (**comrádach**) *a.* ar nós comrádaidhe, muinnteardha, coidreamhach mar comhrádaidhe. I gcaitheamh an aistir d'éirigheamair comráideach lé chéile gur chromamair ar ár n-eachtraidhthibh beatha d'innsint dá chéile: muinnteardha, báidheamhail: cumannach. Beart chomráideach do rinne se, leath a raibh aige do thabhairt dom ar mbeith dom ocrach, tartmhar: gníomh mar thiocfadh ó dhuine go mbeadh dlúthchion agus aitheantas a's cóimhmheas agat air. Budh chomrádaighe dhuit é do mhaolughadh ná do spriogadh chun buile: budh mhó d'fhoillseófa do bháidheamhlacht leis: spirid mhíonla duine a éireóchadh as choidreamh ceannais agus deighinntin.

comraisc: *b.2.* cóip, gráscar, dríodar (daoine), graimirisc, daoscar sluaigh, cosamar, treachlaisc; dream suarach, gleódhach. "Chaithfeadh sibh chun na comraisce me dréir deallraimh", ars an tíorghrádhach, "tréis a bhfuil déanta agam díbh": chun an tsluaigh shuaraigh nách ndeárna faic díbh atá greamuighthe im aghaidh le saobhlabhra éada is formada nó iméadaireacht. An meastar libh go stríocfad do chomraisc na gcúlshráideann – síol Chromaill 'sa shaighdiúirí? Choidhche! Agallfad croidhe gach fir a's mná láithreach a bhraitheas braon dá gcuid fola 'n-a cómhfhuil dos na seadairidhibh nár scáin leo cómhacht Shasana: an dríodar truaillighthe gan fearamhlacht, gan preab. Bliadhanta ó shoin, a's ní rófhada ó shoin sa tsaoghal é, nuair crochtí duine i bhfollus, bhailigheadh an chomraisc tímcheall air a's bhainidís sult go minic as bheith ag caitheamh urchair air a's ag amhrán go graostach, rud ná déanfadh daoine meastamhla ortha féin: an sluagh dríodair. Ní ródheacair an chomraisc do ghreannughadh chun dásachta, mar is

ionghabhála leó briathra ainteasa ná éisteacht lé fuaimeant: an dream nách dtuigeann a's ná smaoineann dóibh féin ar rogha an réidhtigh ón achrann. Bhailigh na daoine i mbéal gach taobhshráide ag faoidhrigh a's ag feadghail fé, níor thóg sé de cheann díobh ach ceann a chapaill d'iompódh ortha agus gluaiseacht tríotha, ghá scaipeadh le haer an tsaoghail go ndeárna comraisc ruaigthe dhíobh: sluagh gan cheann gan tóin: graimrisc gan riar ach gach aonne ag breith na gcosc leis mar bhí ionta: duine má luath ag teicheadh.

conablach: *f.1.* corpán, corp marbh aon ainmidhe; corp ainmhidhe ar mbeith ag dreódhachtaint do; aindeiseóir duine, duine mór, trom, feólmhar gan lúth. Brothaire gustalach seadh é seo, féach ar na conablaigh caorach a's mart atá ar sileadh aige: cuirp mharbha chaorach agus mhart. Nár mhór an t-ocras a bhí tagaithe ar lucht na cathrach iomshuidhthe gurbh éigean dóibh conablaigh capall d'itheadh: cuirp na gcapall marbh. Ná beir leat an fheóil sin chun a hithte, níl innte ach conablach, tá boladh uaithe: feoil atá ag lobhadh. "Fág an bealach, a chonablaigh, ní bheinn ag féachaint ort ag abláil oibre: as an slighe a aindeiseóir atá ag útamáil le hobair. Nách mór mar thuit sé chun feóla, nách de atá an conablach ag déanamh, an toirt, an chabhail 'san leathad: duine mór, groidhe, beathuighthe.

con(a)bhrughadh: *f.* (*-uighte*) brughadh trom, bualadh ó thalamh, tuargaint shuaidhte, smiota. Anuas an staighre a's deabhadh orm, do stroill cos liom, tógadh liom gur buaileadh mo chliathán deas ar ghlúin den staighre, a lithéid de chonabhrughadh agus fuair m'easnaidheacha gur briseadh chúig cinn aca: brughadh gránda. Leagadh an fear bocht i lár an bhrúghtaim, thuit scata imireóiridhe air d'iarraidh na peile do bhaint de, go bhfuair sé an oiread san conabhruighte gur caitheadh é do chur in ósbuidéal: tuargaint cnámh a's ball beatha. Thug an dá mhadra cómhraic an oiread san conabhruighte dá chéile nuair baineadh as a chéile iad ná féadfaidís seasamh: fáscadh agus teanntughadh ball cuirp go mbeidís goirtighthe, pianta. Rug an bheithir ar mhuineál orm, chroith sé me mar chroithfeadh sé sop agus níor leig uaidh me go raibh conabhrughadh maith fachta agam: gortughadh trí theannadh is fháscadh. [Ní baintear aon áis as an bhfocal so ach ag tagairt don nduine nó don ainmhidhe, ní habartar cuir i gcás "fuair an chloch conabhrughadh"]

conach: *f.1.* fearg mhór, drochaigne, éirghe mór; confadh (gumh). Seachain tu féin ar an madra san, tá an conach air: báine na madraidhe. Cuireann tú conach orm bheith ag éisteacht leat ag cainnt gan deallramh: cuirir fearg mhór orm. Tháinig conach a's buile air nuair chonnaic sé an t-iascaire eile ag marbhughadh bhreac go tiugh a's ná rug oiread a's ceann air féin: cuthach buile nár bh'fhéidir leis do chongbháil fé smacht. D'éirigh conach ar an nduine nuair bhí gach aonne ag gáiridhe fé: ní mór ná go ndeaghaidh sé as a chéill le buile. Go dtagaidh an conach ort, a bhladhgaire, ná héisteochadh do bhéal, maran agat atá an chainnt: go dtagaidh báine ort: go dtéidhir as do mheabhair nó go dtagaidh drochaicíd áirighthe [aicíd bó] ort. Dá mhéid a bhítheas ag teacht treasna air seadh bhí conach cainnte ag teacht air: breis fhonn chainnte. Maidir lé cómhachtaibh móra an domhain, in ionad aon rian cathuighthe i dtaobh cogaidh do bheith ag teacht ortha is amhlaidh atá conach cogaidh ag teacht ortha, féach an tiargabháil ar fad atá aca dhá déanamh 'n-a chóir: fonn diallta. "An raibh mórán ceannuightheóiridhe ar an aonach

indiugh?" – "is ann do bhíodar agus conach ceannuighthe ortha": dúil, guilm ortha chun ceannuighthe. "Deirir liom go dtáinig fearg ortha chun a chéile" – "ní fearg do tháinig ach conach": buile nó báine. Nuair bhíodh an bheatha ar barra bhíodh conach ar an iasc 'n-a dhiaidh: dúil mhairbh chun a ithte. Ní fonn oibre atá ar an bhfear san ach conach (oibre): dúil nó fonn doshásta. Cuir díot an conach: cuir díot an fhearg.

conách: *f.1.* ionmhas, rath, buaidh. "Ar chualaidís gur bhuaidh Tadhg céad púnt?" – "ní deirir liom é, a chonách san ar an bfhear, ní bhuaidhfeadh fear is fearr": breis den sonas air. Dubhart leat fiche uair aire do thabhairt duit féin nó go dteangbhuigheadh duit ach féar faille do dhéinteá dhem ghlór – féach anois cad thárlaidh dhuit, agus a chonách san ort, is agam ná fuil aon truagh dhuit: bíodh cion do dhearmaid agat: an méid atá tuitighthe amach ort tá sé tuillte agat. "An ólfair deoch im fhochair?" – "ólfad" – "seadh fé thuairm ár sláinte" – "conách do thabhartaistidhe ort": go raibh breis ag teacht ar do thabhartaistidhibh an uile lá (tá sé seo ar an gcarbhall is breághtha i nGaedhilg). "Ag goid 's ag fogha, ag marbhadh 'sag fuadach do chaitheadh sé a shaoghal go rugadh sa deireadh air a's gur crochadh é" – "conách an diaill air, mhuise": fuair sé a raibh tuillte aige. "Nách uathbhásach an t-airgead atá ag daoinibh atá ag oibriughadh don ndúthaigh? scannail seadh é" – "tá conách i nganfhios sa tír seo, a mhic ó": ionmhas. "Conách an donais ort ná tugann aire dhuit féin": (deirtear lé duine má éirigheann aonnidh dho tréis a chómhairleach go minic aire do thabhairt do féin): an rud atá tárluighthe dhuit is é tá tuillte agat go díreach. "Ar chualadhaís go raibh clann óg sa tigh seo thuas ó airéir?" – "níor chuala; conách a shéin ortha": an rath go raibh ortha: gura maith an mhuise sin dóibh. "Fuair Séamas Gaige búrdáil mhaith san Daingean Dé Sathairn" – "conách dóighte sin air, is fada ghá thuilleamh é": tuilleadh den diall chuige.

conadhiabhal: *f.1.* diall críochnuighthe. Cad deirir leis nár mhaoidhimh annsúd i mbolg na cúirte gur mhairbh sé an duine, go marbhóchadh an breitheamh agus an coisde, ná raibh rud dob aoibhine leis ná marbhadh; anois nárbh é an coradhiabhal é: diabhal críochnuighte, diabhal ioncholnuighthe.

conághach: *a.* séanmhar, rathmhar, buacach, saidhbhir, rachmusach, maoineach, gustalach, acfuinneach. Siopadóiridhe conághacha do bhíodar riamh lé fagháil sa Daingean, bíodh airgead na tuaithe go léir ag tuiteam isteach ortha: siopadóiridhe gustalacha. Nár chonághach an siopadóir Tomás Ó Donnchadha, go raibh céad go leith míle púnt 'n-a udhacht: nár láidir, acfuinneach é. I dtosach mo shaoghail dom budh mhinicidhe cruadhtan orm ná bail ach anois im cháilidheacht féin fear conághach seadh me, tá gach aon rud agam a iarrfadh mo bhéal ná mo mheón: duine rathmhar seadh me. Budh cheart dóibh bheith buidheach de Dhia agus a chonághaighe bhíodar i ngnóth a's a luighead a bhí aca nuair thosnuigheadar: a éirighthighe a's bhíodar: a fheabhas agus éirigh leó i ngnóth.

cona-ghreabhaid: *b.2.* graimrisc, cóip, gráscar geónach, glamaireacht, glaimh. Nuair do leath sé ameasc an tsluaigh go bhfeacthas ag slad pócaidhe é an chonaghreabhaid a tógadh 'n-a dhiaidh do scannróchadh sí thu, gach aonne a's fonn air é do stracadh as a chéile: gáir árd, fhiadhain. Éirighimís amach as an bprochlais seo, ní mór an iontaoibh an chonaghreabhaid atá ann, Iodálaigh, Spáinnigh, Silinigh, Meacsachanaigh: an drochsprot

glórach. I dtúis na bainise do bhí gach aonne go síothach, muinnteardha, ach níor mhar sin dóibh siar san oidhche – do rinne an deoch conaghreabhaid díobh, go rabhadar ag béicigh 'sag argóint 'sag imreas: cuallacht ghránda ghlórach.

conáigh: rathmhar, rathamhail. Fear conáigh seadh é, ní fhéadfadh a rádh nách eadh ar an méid uair do bhí sé i ngiorracht don mbás a's go dtug sé na cosa leis, tá ádh éigin os a chionn: fear go bhfuil cómhacht éigin ghá dhídean ar droichíde. Bean chonáigh seadh í siúd, agus é de chuma uirthe, féach ar a cuid éadaigh slachtmhar, ar an seódraidh atá air, ar an ngiollanraidh a fhreastalas uirthe: bean go bhfuil maoin shaoghalta agus gustal aice. Thugadar íde na muc a's na madraidhe air, ní raibh aon leas-ainm fén spéir nár thugadar air, níor fhágadar thíos ná thuas air é. Níor thóg sé a mhéar, níor chorruigh sé a theanga ach gáire fútha a's leidhg a spriúch as féin, nár chiallchonáigh an duine é: nár doimhinchiallmhar é.

conair: *b.5.* (*-narach*) casán tar chnoc. "An Chonair", bóthar atá idir Daingean Uí Chúise agus taobh an Leitir Iubhaigh. Ciall an fhocail annso, casán nó bóthar aimhréidh agus conntabharthach, freisin treasna cnuic, ag gabháil trí fhaill. Mám Conarach. Ná beirtear choidhche i gconair ort: in aon áit ná féadfá teacht as.

conairt: *b.2.* áirighthe gadhar nó con do chongbhuightear chun fiadhaigh. Ní madra ná dhá cheann a bhíos i ngach tigh ar an Oileán (an Blascaod Mór) ach conairt: scata dhíobh. Thugais do chosa saor ón gconairt an turus so, is áil liom: ón dtóir (ó shaighdiúiridhibh ar tí do mharbhtha). Ars an Peáirnéalach, "an fonn libh me do chaitheamh chun na conairte?: chun na graimirisce: chun an dreama gur mian leó mo dhíobháil do dhéanamh. Is iomdha fear maith dár gcinidh do síneadh le conairt an fhill: le Sasanaigh.

conamar: *f.1.* blodhtacha, ciolaracha, "deideanna". Bhuail an long ar an bhfochais a's deineadh conamar di, d'imthigh sí soir, siar ar fuaid na farraige: blodhtacha: blúiridhe: mionbhrúin. Nár mhór an strán a bhí ar an Dubhchrónaigh nuair ná fuaireadar aon tsaghas airm fé n-a gcuardach gur dheineadar conamar de n-a raibh d'áraistidhibh ar an gcornchlár: blúiridheacha beaga: "deideanna".

conbharsáid: *b.2.* coidreamh, comhluadar, comhchuideacht, tráchtáil. Nár mhór an chonbharsáid a bhíodh san tseanaimsir idir Chorca Dhuibhne agus an Spáinn go dtéidheadh luach chúig míle púnt de sheithidhibh amháin ó Chuan Árd na Caine ann: tráchtáil. Fear seadh é nár cheart d'aonne puinn conbharsáide do bheith ag aonne leis, mar bíonn sé d'iarraidh faill d'fhagháil ar gach duine go mbíonn aon bhaint aige leis: gnóth, cúram: iomlaoid. Dá fhaid é mo chonbharsáid leis ní bhfuaireas aon locht riamh air: mo bhaint leis: mo choidreamh: taithighe coimhdeachta gnótha nó cúraim. Daoine anshoranna seadh iad, is beag baile go mbíonn oiread conbharsáide ag daoinibh lé chéile a's bhíonn ann: oiread bainte: oiread taithighe ar a chéile i gcómhluadar. Focal leis nó ina choinnibh ní fhéadfainn a rádh, mar ná fuil aon chonbharsáid agam leis: níl aon taithighe agam ar a chómhluadar chun é do mheas. Ó thuiteadar amach lé chéile fadó riamh ní raibh aon chonbharsáid aca lé chéile: ní raibh aon bhaint aca lé chéile. Cuireadh a mhilleán air gur bh'é athair an leinbh gréine é ach dhearbhuigh sé ná raibh aon chonbharsáid aige leis an máthair: aon bhaint in ao'chor.

conda: *a.* ar nós an mhadra. D'fhoidhnigh sé ar feadh i bhfad lé gach tarcuisne agus easonóir dob fhéidir do thabhairt do go dtí gur bhris air, á, ach annsan tháinig cuma chonda air gur dhóigh leat go stracfadh sé as a chéile a raibh 'n-a thímcheall: cuma fhiadhain, madaramhail.

confadh: *f.1.* buile, báine, fraoch, suathadh, guilm, gooile, sanntacht. A Dhia, go saorair sinn, ar chualaidhís confadh na mara airéir? scannróchadh a fuaim thu: buile: raosach. Fágaim fút féin anois é, ach ná cuirfeadh sé confadh ar aonne go mbeadh speach fir duine do chlos ag cáineadh a chómharsan: ná cuirfeadh sé fíoch air. Dá mhinicidhe a bhí ag dul do dhóirneálaidhe dhíobh a chómhdóirneálaidhe d'aimsiughadh seadh is mó a bhíodh confadh ag fás air: an bhuile ag méadughadh air. Tháinig confadh an diabhail air toisc a rádh leis ná raibh aige ach drochGhaedhilg: fearg thar fheirg. Ar gach taobh díom ní raibh lé clos agam ó mhuinntir na bhfear do bádhadh ach confadh chumhaidh, budh thruagh leat a nglór brónach: glór mar bheadh stoirm. Chrith fir, dhein fir cnochairidhe beaga dhíobh féin, ghoil cuid aca, rith cuid aca i gconfadh an chatha: i bhfíoch an chatha: i bhfiadhantas an chatha. Beir fada anois ar gach aon rud agus ná tagadh aon chonfadh ort má theipeann uair nó dhó féin ort nó níl aon dul agat ar éirghe leat: luas mothála: suathadh. Ar bhfagháil boladh na feóla dho a's an dúil mhairbh riamh aige gan a blaiseadh go rómhinic tháinig confadh air chúiche: guilm: suathadh aigne: bhí líonrith air ná féadfadh sé fanacht socair. B'fhearr liom bheith i dtreis lé madra confaidh ná leis an mnaoi droichbhéil sin, mar nuair thosnuigheann sí nár mhaoididh Dia ar aonne í: madra go mbeadh an gumh air. Níor baineadh oiread agus preab as seasamh annsúd ar an árdán chómh neamhshuimeamhail a's dá mbudh bualadh bas bheadh dhá fhagháil aige in ionad an confadh a bhí ar an sluagh é do tharrac anuas agus géiridheacha do dhéanamh de: an fíoch: an bhuile: an fonn diabhalta a dhíobháil do dhéanamh.

confadhach: *a.* fíochmhar, fiadhain, stoirmeach, malluighthe, guilmeach, fraochmhar. "Dá fhaid ag gabháil tríd an mbealach so me", ars an captaen áthraigh, "níor ghabhas (ghaibheas) riamh trí fharraige budh chonfadhaighe ná farraige na hoidhche airéir, bhí sí ag dul go féar glas!" dob fhiadhaine, budh mhire. Ainmhidhe beag confadhach a dóthain seadh an eas nuair theanntuightear í, bíonn gach aon scréach aice lé nimhneacht: malluighthe, droichmhianaigh. Is confadhach an mhuir tímcheall na mBlascaodaidhe sa gheimhreadh lé linn stoirmeach: fíochmhar, fiadhain, diamhair. Chuirfeadh sé cráin mhuice i gcuimhne dhuit ag itheadh dho, bíonn sé chomh confadhach san: chómh craosach.

cónganta: *t.g. de chóngnamh* cabharthach, maitheasach. Deifrigh! Tabhair lámh chónganta dhom, táim i nguais: lámh chabharthach. Cad é an méid sagart cónganta atá agat, a athair?: cé mhéid sagart eile seachas tu féin a bhíos ag cabhradh leat chun do ghnótha do dhéanamh. Mara mbeadh bean chónganta do bheith aice ar a bhfuil de chúram tighe uirthe bheadh thiar uirthe: bean a thugas cabhair di. Níl aon teóra lé lámh chónganta Dé: lámh Dé atá i gcómhnaidhe ullamh chun fuascalta do thabhairt ar an bpeacach. Is eól do Shasana go mbeidh aice tír chónganta san bhFrainnc ar roinn na hEóraipe ar a son féin do shíor: tír a thacóchaidh léi lé linn a ganntair.

cóngantach: *a.* cabharthach, d'aigne cabhair a's cóngnamh do thabhairt. Má tá na leanbhaidhe óg féin bíd cóngantach tímcheall an tighe, an té is lugha aca dhéanfadh sé teachtaireacht chómh maith le "fear na méaracán": dá luighead iad is maitheas iad. Níor mhór dóibh triúr i ndáríribh cheart, beirt ann go raibh an fonn ceart ortha ach an tríomhadh duine ní raibh cuma chóngantach air: cuma go raibh fonn air bheith leó. Cad é is cóngantaighe chun scríobhnóireachta ná peann maith?: is mó is áiseamhla chun scríobhnóireachta. Pé locht atá air nó ná fuil ní shéanfaidh ná gur fear cóngantach é lé linn broide dhuine eile: fonnmhar chun teacht chun a chabhartha do thabhairt uaidh. Ní cóngantach dom bheith ag síorlochtughadh orm: ní mór an mhaitheas é chun mo chúraim do chur i gcrích. An bhfuil aon chóngantach agat chun cléarcais na hoifige seo? is mór an chiotaighe dhuit mara bhfuil: fear cabhartha. Shuidh sé féin agus a chóngantaidhe ar thaobh den halla chun bheith ag béicigh a's ag faoidhfrigh chugham chómh luath agus sheasóchainn chun labhartha: a lucht leanamhna. Bhailigheadar a gcóngantaidhe ó gach áird chun an toghaidh do throid go dian ar a chéile: a lucht leanamhna: a gcúlaistínidhe. Nuair bhíonn cluichidhe móra dhá imirt i bPáirc an Chrócaigh chídhfeá na dathanna éagsamhla ar chógantaidhibh na bhfuireann. Ní dóigh liom go dteastuighim uaibh chun na hoibre seo, tá bhur ndóthain cóngantaidhe agaibh: bhur ndóthain lucht cabhartha.

cóngantóir: *f.3.* cabharthóir, cabhra, cuidightheóir. "Mo ghrádh mo chóngantóir" ars an gabha nuair rug leanbh na ndeich mbliadhan ar an órd!: fear mo thacaidheachta. Ar an scoil eile tá príomhoide agus seisear chóngantóiridhe: seisear eile múinteóiridhe a bhíos ag neartughadh leis. Bád seóil dob eadh í ar dtúis ach cuireadh cóngantóir inill innte: ineall chun cabhartha leis na seóltaibh.

congbháil: *b.3.* do choimeád, do chothughadh, do loc, do thoirmeasc ar. Tá iomard éigin ar a dhubhánaibh ná fuil aon chongbháil ar a chuid uisce aige: níl ann é do chrosadh ar ghluaiseacht uaidh. Congbháil lachan ó loch: iad do chosc ar dhul ar an loch. Ag congbháil ceann cuinge le duine tarcuisneach an rud is measa do dhein duine riamh: ag cothughadh aighnis leis. "A mháighistir", ars an garsún beag, "tá an buachaill mór so ag congbháil mo phinn uaim": ghá coimeád: gan í do thabhairt do. Cé bhíonn ghod chongbháil anois, a dhuine bhoicht, dar ndóigh níl tuilleamh ná soláthar ionat?: cé chothuigheas tu?: cé thugas beatha na talmhan duit? D'aithneófá ar luime an ainmhidhe sin ná fuil aon chongbháil suas air: ná fuiltear ghá chothughadh mar budh cheart. Tá congbháil suas ar an dtigh cé ná fuil aonne 'n-a chómhnaidhe ann lé fada, má bhíonn plána briste i bhfuinneóig ann nó aonnidh mar sin cuirtear a mhalairt isteach. Níl aon chongbháil ag an soitheach san, tá sé ag leigeant uaidh, ní maitheas uisce ná eile do chur ann: tá gág ann. An bhfuil congbháil mhór agat thiar annsúd?: cad é méid bó bheadh agat?: fagháltas. Cad é an chongbháil atá agat ar airgead an fhir seo do fuairis ag dul amugha?: ná tabharfá dho é?: cad é an greim coimeádta atá agat air? Bhíodar d'iarraidh me do chongbháil ó chorp mo mhná ar eagla go dtiocfadh iomad bróin orm: gan leigeant dom dul 'n-a giorracht. Níl congbháil ar scéal ná ar rún aige: tá sé béalscaoilteach. An muineál atá ag congbháil an chinn 'san cholann le chéile: ghá gcoimeád: ghá gceangal. Dá mbeinn ag tafant ó shoin air ní thiocfadh sé pé congbháil (siar) a bhí air: fanacht siar, coimeád, cosc, moilliughadh. Duine anaireach air féin é sin, ní fheadair aonne ach an chongbháil atá aige air féin: aireachas. Cad tá ghá chongbháil ná fuil sé i gcómhthráth, gheall sé go mbeadh sé annso uair an chluig ó shoin: cad tá ghá chosc ar theacht. Ní hé a

dhéanamh (an t-airgead) ach é do chongbháil: gan a scaipeadh. Cá bhfuil congbháil na fuinneoige?: greim. "Cad é congbháil an tsoithigh seo?" – "chúig céad galún": cad é an méid ar fad a raghadh ann? Ní fheadair aonne cad tá ghá chongbháil 'n-a bheathaidh. Ní hé an méid d'itheann sé, mar ní chongbhóchadh sé éan: ghá choimeád beó. Níl aon chongbháil aige air féin má cuirtear fearg air: níl aon fhoidhne aige.

congbhaim: (**coinnighim**) *b.a.* $_7$ *n-a.* coimeádaim, buanchoimeádaim, coiscim, toirmeascaim, bacaim, srianaim, seachnaim, cothuighim, beathuighim, greamuighim de. Is eagal liom go bhfuil blas cabhartha (cabhruighthe) ag teacht ón iasc san agus ní chongbhóchaidh sé mara gcuirtear salann gan moill air: ní fhanfaidh sé folláin. Congaibh! (coinnigh): coimeád do ghreim. Congaibh liom in ionad bheith ag druideamhaint uaim: teann im choinnibh: ná cúl uaim. Congaibhidh cois cloiche, is ann is lugha gaoth: ná teichidh ón gcloich agus leigidh sibh féin uaithe. Dá mise thu congbhóchainn mo theanga im bhéal, mar má labhrair déanfar ceap magaidh díot: bheadh béal ciúin agam: pé rud atá lé rádh fanadh sé id bhéal. Congaibh do bhas dom go scaoilead crobh airgid uirthe!: sín amach í agus coimeád í ar aiste gur féidir leat an t-airgead do ghlacadh uirthe. "Seo púnt duit" – "congaibh é!" (seanbhlas): ní theastuigheann sé uaim. Conghaibh do chiall: bíodh foidhne agat lé gach aon rud. D'éirighis as róluath, dá gcongbhuighteá air cá bhfios d'aonne ná go bhfaghfá uisce ann: dá leantá air. Conghaibh aitheanta Dé, a's níl baoghal ar t'anam: cóimhlíon na nidhthe d'órduigheann siad. Conghaibh ón áit sin tá droichtheist air: seachain an áit. An bhéalbhach is fearr dhá dhéanamh ní chongbhóchadh sí an capall san nuair thagann teadh reatha ann, tá sé cómh láidir sin as a bhéal: ní choiscfeadh é. Rud éigin atá éirighthe dhó, cad eile chongbhóchadh é: mhoilleóchadh é. Conghaibh air!: coimeád an greim atá agat: ná staon. Conghaibh fé, deirtear cuir i gcás dá mbeadh árus agat fé leachtach a's nár mhaith leat go ndoirtí aon chuid de. Congaibh an gadhar dom: coimeád greim air ar mo shon; ach conghaibh an gadhar díom: ná leig do teacht i ngiorracht dom. Conghaibh cainnt leis: déin cómhrádh leis, nó más argóint í, tabhair focal ar fhocal do. Congbuigheadh an garsún beag farrat ar eagla go raigheadh sé amugha: fanadh sé id threó: ná fágadh sé thu. Dall, bodhar an duine bocht gan fáilte ag aonne roimis, cé chongbhóchaidh anois é?: cé thabharfaidh iostas a's beatha cuirp do. Congaibh umat!: ná tuiteadh do chuid éadaigh díot. Congaibh liom! adéarfá le teanntóir a bheadh agat a's tu ag tiomáint seamann (seama) i dtaobh luinge, ionas go dtiomáintí an seama a chodladh 'n-a cheart: teanntuigh liom. Ní chongbhóchaidh an taca san an falla: ní choimeádfaidh sé anáirde é. Duine chómh sprionnlaithe sin go gcongbhóchadh sé an t-arán ó n-a bhéal: go séanfadh sé.

congbhálach: *a.* cosantach, buantseasamhach, righin; greamuightheach, ceangaltach, neamhscaipightheach. Fear a thugas aire mhaith dá shláinte eisean, bíonn sé anchongbhálach air féin, ní thugann sé aon drochshádhadh dho féin: aireach: do shíor ag faire air féin. Ní mharbhóchadh a thuilleadh saothair thu, ní gábhadh duit bheith chómh congbhálach ar do neart, ní lag ná fann ataoi: aireach: lánchúramach. Bíodh a fhios agaibh, a bhuachaillidhe go bhfuiltí istigh lé fuirinn neamhscropallach, bídh congbhálach oraibh féin ortha, ghoirteóchaidís sibh gan puinn moille: bídhidh seachantach ortha. Nách congbhálach an rud an báirneach don gcarraig, do bhrisfeá an sliogán sara scarfadh sé léi: leantach, righin, daingean, greamuightheach. In a beathaidh di budh gheall báis léi oiread a's réal do thabhairt ar bhallóig aráin di féin, bhí sí chómh congbhálach san ar a cuid

airgid; tréis a báis fuairtheas ’n-a cuid éadaigh é, i bpollaíbh an fhalla a’s i seanstánaibh, bhí an oiread san aice dhe: dlúithghreamuighteach air. Nách congbhálach an t-airgtheach duine é ná tabharfaidh scilling don mbailiúchán: ceanamhail, doscartha lé n-a chuid. “An misde dhom rún do thabhairt duit?” – “ní misde, táim chómh congbhálach air a’s tá an sagart ar an bhfaoisdin”: chómh cluthair.

congbhálaidhe: *f.4.* coimeádaidhe. Céagainn a raghaidh ar an gcéachda? Céagainn congbhálaidhe na gcapall?: an té a bhéas ag stiúradh na gcapall. Drochchongbhálaidhe pócaidhe atá orm, níl ceann aca nách bhfuil poll ann: drochphócaidhe chun rudaidhe do choimeád ionta. An chéad fheóirling do thuill sé riamh tá sí fós aige, tá a rian air tá airgead ag an gcongbhálaidhe sprionnlaithe: duine ná scarfadh lé faic. Cér bh’iad congbhálaidhthe an chuirn peile anuiridh?: cé hiad go raibh sé aca? Dá mbudh congbhálaidhe é budh shaidhbhir an fear anois é: dá mbudh duine é gurbh é a mhianach claoidhe lé n-a chuid airgid in ionad é do scaipeadh.

congbháltas: *f.1.* teannta, taca, urra; cothughadh, beathughadh. “Cad dob áil le bacach mar thusa ag cainnt”, ars an bodach feirmeóra leis an aindeiseóir dealbh, “nách ar an gceanntar atá do chongbháltas-sa?: do chothughadh. Ní mór an congbháltas d’iarrfaidh sé, duine sothógtha seadh é: an cothughadh, an “coimeád suas”. Nuair connacthas dos na hiondúiridhibh go raibh falla an droichid ag scéitheachtaint do chuireadar portfhalla barrachta mar chongbháltas leis chun a choimeádta ’n-a sheasamh: taca. Ní nár dom maoidheamh as mo chongbháltas san argóint seo a’s bheith ag brath ort-sa ná fuil dhá smaoineamh id cheann: as mo thacaidheacht: fear cónganta. Na daoine bochta budh dheacair dóibh gan bheith láidir mar ’n-a n-óige is iad ná fuair an congbháltas seachas prátaidhe, leite a’s teornapaidhe: an cothughadh, an bheatha cuirp. Budh mhór an congbháltas do ar fhaghál tas bhocht dhá chéad púnt do bheith aige le linn a bháis: cruinneas coimeádta.

cóngnaim: [**cóngaim**] *b.a.* $_{7}$ *n-a.* cabhraim, tacuighim. Cóngaimh me, a Dhia, ar an ndiabhal: cosain me. Cóngaimh choidhche leis an té a bhéas ’n-a gábhtar mar nách fios d’aonne cathain theastóchadh cóngamh uaidh féin: cabhair le. “Cóngaimh!” arsa cách nuair chonnacadar an fear dhá bhádhadh: cabhair! Ní haon amadán aonne chóngnuigheann leis féin: a thugas aire dho féin roim aonne eile. Cóngaimh liom ar an gcruaidhcheist seo do réidhteach”, ars an garsún scoile nuair bhí sé clipighthe glan amach as a mheabhair aice: cabhair liom.

congnamh: (**cóngnamh, congamh, cóngamh**) *f.1.* (*-ganta*) cabhair, fóirthint, cuidiughadh. Le linn broide dá luighead congamh fóireann sé: dá luighead í an chabhair déineann sí maitheas: is fearr aonnidh ná bheith gan dadaidhe. Bean mhaith, charthannach í sin, is mó lámh chonganta tugtha aice ós íseal do dhaoinibh go raibh a ghábhadh ortha: fóirthint. Deirim leat nár bh’aon cheárdaidhe riamh é ach fear conganta ceárdaidhe a bhíodh ag iomchar na n-úirlisidhe ’sag cabhradh leis fé stiúradh an cheárdaidhe: taca. Bhíos ag smaoineamh ar thigh do thógaint dom féin, ach níl mo dhóthain airgid agam, ní fheadar an bhfaghainn congamh airgid ó Roinn na Talamhaidheachta: deóntas airgid: suim airgid a tugtar go toilteanach. Gan chabhair gan chongamh ó aon duine táim ag broic leis an obair seo: d’iarraidh na hoibre seo do

dhéanamh gan cómhoibriughadh ná cuidiughadh ó neach. “B’fhearr dhíbh an dochtúir do bhreith go dtín othar so, tá sé anlag” – “fágfam a leigheas fé Dhia” – “ná bac san, nár airigheabhair gur órduigh Dia congnamh”: rud do dhéanamh do a dhéanfadh maitheas do. Cad é an congamh gléis atá agat chun iascaigh: cad é an fheabhas fearais. Do bhí an oiread san díomais chuige ag staigínidhibh an bhaile mhóir i dtaobh a theagaisc poilitidheachta ná faigheadh sé aon chongamh dlighidh ó atúrnaethibh an bhaile: cabhair. Buailfeam lé chéile airís lé congamh Dé a’s na Maigdine Muire: lé n-a gcabhair sin: déanfaid sin sinn do bhreith chun a chéile.

conn: *f.1.* ciall, tuigsint. An conn leat an méid airgid atá agam dhá thairsgint ar na leabharthaibh athchaithte seo?: an dóigh leat go bhfuil sé cóir nó macánta dréir mar tuigtear a luach duit? Fuairtheas sínte sa tsneachtadh é tréis na síne gan chonn: gan mhothóilt, gan aithne gan úrlabhra. Budh chiallmhar, stuamdha an fear tráth é, anois tá connréabadh déanta air, níl suim in aon rud ná in aon duine aige: tá a inchinn scaipighthe soir siar.

connacht: *b.3.* ceann de chúigidhibh Éireann. “Sa Diabhal nó go Connacht libh!” arsa Cromaill, lé droichmheas ar an dtalamh ann is dócha seachas an Mhidhe nó a lithéid. “Tá Connacht molta dá mbeinn im thost/ Connacht aoibhinn gan aon locht/ Tá ór le fagháil ann ag lucht aithris rann/ Sí Connacht cruithneacht Éireann.” Deirtear le duine ná beadh aithne air, “ní fheadar ná gur ó Chonnacht é”.

connartach: *f.1.* duine mór, garbh, cnámhach, duine dorrach, eascaoin. Connartach fir gur mhara chéile leis mála plúir do bhreith anáirde an staighre ar a dhrom leis nó mar bhéarfadh duine eile sac olna: fear groidhe, láidir. Is mara chéile dhuit púnt feóla do thabhairt don gconnartach san nó mar thabharfá glac mine do chráin: duine mórghoileach, sainnteach. Cuireann tú náire orm an tslighe d’ithir, ná híosfá go béasamhail, a chonnartaigh: a dhuine amplamhail gan múineadh, gan béasa. Connartaigh fhear dob eadh an uile dhuine aca ó bhun na gcnoc, budh gheall lé gaiscidheachaibh iad, an toirt ’san neart a bhí ionta: fir ghroidhe, gharbha: fir go raibh scrothaidheacht mhór ionta. Bíonn an fear bocht scannruighthe ag an gconnartach mná atá aige, leagfadh sí lé stiall é: bean láidir fhíochmhar. Mara an b’ait an connartach tu ná féachann cá mbíonn do chosa ag gabháil a’s gan satailt ar na daoinibh: duine tuathalach, aindeis gur cuma leis. Nuair bhí sé sin óg buachaill slachtmhar, fuinneamhail dob eadh é, anois tá connartach déanta dhe: duine trom, feólmhar, neamhlúthmhar. A chonnartaigh!: a rud ghránda. Thíos sa Mhidhe ní ainmhidhthe beaga a chídhfeá ar an dtalamh ann ach connartaigh: ainmhidhthe troma, feólmhara. Connartach capaill ná cothóchadh an paróiste é: capall mór, cnámhach a íosfadh an t-aimeón féir, coirce etc.

conncas: *f.1.* do ghabháil seilbhe de bharr nirt. Ag déanamh conncais orm do bheidhfeá im thigh féin, an eadh?: d’iarraidh bheith ag gabháil lastuas díom. Áit a bhí chómh fliuch, bogach leis, budh dhiall an obair oiread conncais do dhéanamh air a’s gur tiormuigheadh: an oiread san lámh uachtair d’fhagháil air.

connlacht: *b.3.* do thaisce, cnuasacht, do bhailiughadh chun a chéile, cneastacht. Chaith sé a shaoghal, an cníopaire, ag connlacht a chod airgid, féach cá bhfuil sé indiugh? – dhá

chaitheamh ag an acme nách truagh leó treascartha: ghá bhailiughadh go cruinn, baileach, sprionnlaithe. “Ná leathanuigh do brat ach mar fhéadfair é do chonnlacht” (seanfhocal): caith ciall leis an uile rud: ná caith ach dréir mar tá gustal agat air: fuinn dréir na mine. Um thuiteam na hoidhche chonnac uaim ó fhalla na cathrach sluaighte saighdiúiridhe as gach áird ag connlacht tímcheall na cathrach: ag bailiughadh ’n-a tímcheall. Bhraitheas rud éigin ag connlacht tímcheall mo chroidhe agus b’fhios dom nár bh’fhada uaim droichbhreóidhteacht: ag fáscadh tímcheall mo chroidhe.

connláiste: *b.4.* caothaomhlacht, áit caothamhail, oireamhnach; fairsinge. Níl aon chonnláiste sa tseómra, mar tá an iomad troscáin ann, ní mór go bhféadfá do chos do tharrang ann: níl slighe corruighthe ná gluaiste ann. Tabhair connláiste dhom nó ní fhéadfad faic do dhéanamh: tabhair slighe corruighthe dhom. Ní mór duit eisdin mhaith, mhór go mbeidh connláiste do ghnótha agat innte ó tá an oiread san lé bruith agat: fairsinge. Neamhchonnláiste atá ag teacht linn ar an mbaile seo, tá na tighthe róthiugh ar a chéile: ceal slighe: cumhainge chun aonnidh do dhéanamh. Ní haon chonnláiste dhúinn bheith palcuighthe ar a chéile sa pholl chumhang so: ní haon chaothamhlacht dúinn é. Déin connláiste annsan go rinncfidh na hógánaigh seo: cuir gach rud atá sa tslighe as agus tabhair fairsinge dhóibh. Ó bailigheadh na rudaidhe ná raibh gábhadh leó amach as an tseómra an chonnláiste atá ann: cead cos. D’imthigh an chonnláiste ó tháinig an oiread daoine ’on tigh chun cur fútha ann: feasda níl an fhairsinge chéadna ann do bhíodh. Ag déanamh connláiste dhíom-sa bheidhfeá is dócha ag rith annso agus ag rith annsúd ag déanamh teachtaireachta duit: ag déanamh áise dhíom ar mhaithe leat féin. Caith na seancheirteacha a’s na rudaidhe eile ná teastuigheann uait san gconnláiste: clais trufaise.

connláisteach: *a.* áiseamhail, oireamhnach, fairsing, acrach. Buail tharat an leabhar san, áit chonnláistigh éigin: in áit go mbeidh sé as an slighe, nó furaiste d’fhagháil má bhíonn sé ag teasdáil. Bíonn a chuid úirlisidhe in eagar chonnláisteach ag an siúinéir: i slighe a’s nách gábhadh dho bheith ar a lorg nuair theastuighid uaidh: in áit sholáimhe. Is connláisteach na húirlisidhe i dtigh casúr, toireasc, ceap: áiseamhail úirlisidhe gur mion minic do gheibhtear gnóth dhíobh. Nách gleóidhte connláisteach an cúinne é sin idir an teine agus an falla chun leabharagáin do dhéanamh ann: oireamhnach. An méid chéadna atá sa dá thigh ach ar shlighe éigin is connláistighe atá na seómraidhe déanta i gceann aca ná sa cheann eile: is oireamhnaighe: is mó do thaidhbhseóchadh sé dhuit gur fearr atáid léirighthe ann. Tá a thigh anchonnláisteach ar thaobh an bhóthair: angheairrid don mbóthar: ní duadh ná moill dul ann: cómhgarach. Dá bhfeictheá a chonnláistighe atá iarlann tógtha ann ar chúl na cisdean: áiseamhail, gan puinn slighe do ghlacadh. Mura suidhir go connláisteach cuirfear amach thu, ná bíodh smiog asat: go ciúin, cúthail gan taidhbhse.

connláisteacht: *b.3.* áiseamhlacht, oireamhnaidheacht; fairsinge. B’fhearr liom comhnaidhe in aice le rian an charra sráide lé n-a chonnláisteacht chun oibre: a chómhgaracht don gcara sráide chun dul ag obair. Na suidheacháin nuadha so atá dhá chur anois i ngluaisteánaibh moltar iad lé n-a gconnláisteacht: lé n-a luighead slighe do ghlacaid. Duine suaidhte, neamhshocair ná fágann connláisteacht in aon áit ’n-a mbíonn sé: suaimhneas suidhte ag aonne. Ná corruigh nóimint go dtógad mo chuid aistrighthe uait a’s go dtugad breis chonnláisteachta dhuit: breis slighe agus cead corruighthe. Níl

aon chonnláisteacht d'iarrfá ná go bhfuil san dtigh nuadh úd: gach aon rud a oirfeadh duit. [Tigh go bhfuil connláistidhe cómhnaimseardha ann!]

connlán: *f.1.* iarracht, toil mheamnach. Dá chonnlán féin do rinne sé é, níor mhol ná níor spriog aonne é: dá thoil mheanmnaigh féin: as a thionnscal féin: as féin féin. Éirigh as, ní dhéanfadh do chonnlán é: an iarracht is fearr ionat. Is fada imthighthe ar a chonnlán féin é: ag déanamh do féin: scartha lé n-a mhuinntir.

connlughadh: *f.* (*-uighthe*) do bhailiughadh, do thiomargan, do scríobadh lé chéile, do sheargadh, do chúbadh nó do chúladh. D'iarraidh ná feicfí é bhí sé ar a dhícheall ghá chonnlughadh féin sa chúinne: ghá bhailiughadh féin chun a chéile, ag déanamh "cnochaire" de féin. Níor buaileadh im aigne riamh mo chosa do chonnlughadh gur ghaibh an gluaisteán treasna ortha: do tharrang isteach fúm as an slighe. Cainnt a's bladhgar a's maoidheamh a's cad ná déanfadh sé lé Séamas, gur bhuail Séamas isteach agus annsan níor bh'fhada ag connlughadh é: ag cúbadh chuige: ag staonadh den mbuailimsciathacht. Chómh luath agus chonnaic an sionnach an chonairt ag teacht bhí sé ag connlughadh leis go glic, aicillidhe lé hais na carraige chun go n-éaluigheadh sé: ag caolughadh leis: ag cúladh. Is mithid don mhúinteóir scoile sin bheith ag connlughadh 'sag dul ar tháille; ná fuil sé ag múineadh go hárd os cionn dathad bliadhan?: ag éirghe as a ghairm. Budh mhór an connlughadh ar airgead é agus deich míle púnt do bheith aige ar a luighead caoi do bhí aige ar é do dhéanamh: bailiughadh.

connluighim: *b.a.* $_{7}$ *n-a.* bailighim, cruinnighim, éirighim as, cúlaim, cúbaim. Connluigh thú féin sa leabaidh!: cruinnigh chughat do ghéaga. Connluigh annsan!: ceartuigh annsan: ná bíodh an oiread slighe dhá ghabháil agat. "Connlóchad airgead fós" ars an t-amadán go mbíodh sé ag imtheacht idir a ladhrachaibh gach aon lá. Chonnlóchadh súd airgead in aon áit, mar tá sé cruinn, sprionnlaithe: bhaileóchadh sé. An bhfuil aon chliab-aicíd ort? chonnluighis go mór ó chonnac go déidheanach thu, níl a leath oiread ionat: do sheargais: chuadhais i seirgtheacht. Nár mhór an scannradh tháinig air gur chonnluigh sé é féin chómh mór san ar eagla go bhfeicfí é gur dhóigh leat nár fhan oiread fóid mhóna ann: thairng sé a bhaill beatha ar a chéile. Connluigh ar do chuid airgid nó ar an bhfuadar caithte atá fút is gearr bheidh pingin agat: beir breis ghreama air: caoluigh ar an gcaitheamh.

connradh: *f.* (*-nartha*) margadh, coingheall, aontas. Moladh ar dhá thaobh na Mara Meann an connradh so do cheangal idir Shasana is Éire lé déidheanaighe, mar a bhfuil sé geallta ag Sasana ár bpúirt d'fhágaint agus béascháin earraidhe ar an dá thaobh do scriosadh: an comhaontas. An connradh do sighineadh le Sasana tréis chogaidh na ndubhchrónach níor thug sé faic dúinn ach fuil a's achrann, níor thaithnigh na coinghill ann lé mórchuid dár ndaoinibh: an cor, an t-aontas do deineadh idir an dá riaghaltas.

connstráil: (**connstrabháil**) *b.3.* achrann, conspóid, áiteamh, iomardas, iomarbháidh. Beireann constrabháil éigin do shíor air, a choimeádas amuigh déidheanach é, cuideachta óil, cinneamhaint, manaois nó míoádh éigin eile: rud éigin ná leigeann chun cinn é: buadhairt nó moilliughadh de shaghas éigin nách gnáthach do thárlachtaint d'aonne eile ach do. Ná bíodh a thuilleadh fiafruighthe agam ort ná a thuilleadh constrabhála agat liom

i dtaobh fáth do theachta ach tair nó fan: a thuilleadh cos istigh a's cos amuigh: ag cur i gcoinnibh teacht. Stadadh an imirt mar d'éirigh constrabháil idir an bhfear cirt agus cuid des na himireóiridhibh mar gheall ar bháire áirighthe, cuid aca ghá áiteamh gur cuireadh isteach é agus cuid aca nár cuireadh: conspóid, argóint, achrann. Ní fuláir nó rug constrabháil gan choinne ar an dteachtaire ar a fhaid atá sé, budh cheart do do bheith annso fadó riamh: rud éigin a chuir moill air: achrann ná raibh aon leigheas aige air. Chuaidh constrabháil (connstráil) ar shlabhradh an ancaire a's é dhá scaoileadh amach gur caitheadh faid gach 'nfhaid d'iarraidh é do réidhteach: achrann, míghléas. Dá me thu ní bheinn rómhuinghineach as a theacht, mo cheann ar ceap go mbeidh constrabháil éigin air d'iarraidh fanacht: leathscéil dhá ghabháil aige: lúba agus cleasa chun díombáidh do chur ort. Go ngeóbhadh an mhuir aniar dá méid constrabhála do bhí ag an dligheadóir dhá dhéanamh air ní bhfaigheadh sé uaidh ach an freagra céadna i gcómhnaidhe: dá mhéid croscheistiughadh, dá mhéid bhí sé d'iarraidh mearbhaill do chur air. Léd thoil ná bí ag déanamh a thuilleadh connstrabhála ormsa mar ní bhfaighir aon eólas uaim: a thuilleadh ceistiúcháin. Rug connstrabháil an diabhail bhuidhe air ag teacht ó Áth Cliath, i bPort Laoighise chuaidh sé ar an dtraen mícheart go ndeachaidh go Port Láirge in ionad gabháil anuas chun Maghalla: seachrán a's duadh. Sara réidhteófar talamh so an áitimh beidh connstrabháil mhór dhlighe ann: beidh troid ins na cúirteannaibh mar gheall air. Cad é an chonnstrabháil atá anáirde an staighre ort?: cad tá ghod mhoilliughadh ann? cad is bun leis an bhfothrom so ar fad dhá dhéanamh agat ann? Chaitheas seachtmhain i Lonnndain 'n-a chuideachtain agus a lithéid d'fhear connstrabhála níor bhuail riamh liom, shaoileas ná fágfaimís choidhche é: fear a mhoilleóchadh ar a luighead cúise, go mbeadh a aigne ar fhanacht nuair budh dhóigh leat go mbeadh sí ar theacht.

connstrabhálaidhe: *f.4.* treasnálaidhe, ciapálaidhe, imreasaidhe. Bhainfeadh an connstrabhálaidhe céadna do mheabhair díot, ní fheadraís cad é an bóthar a bheadh air do thabhairt - nuair budh dhóigh leat gur ag gabháil soir bheadh sé is ag gabháil siar do bheadh sé: duine go mbíonn slighte aite fé. Ní fear argóna in ao'chor thu ach connstrabhálaidhe, giob geab gan éifeacht agat gan smaoineamh gan tuairm ag teacht as do cheann: imreasánaidhe aingidhe. Agus me ag labhairt ar sclábhaidheacht leis an sluagh chuir connstrabhálaidhthe nár mhian leó scilling tuarasdail sa ló do thabhairt do dhuine oibre isteach orm, ach chuireas 'n-a n-éisteacht iad nuair thugas cuireadh dhóibh teacht ar an árdán: treasnálaidhthe: daoine ná féadfadh cúigidhe m'argóna d'fhreagairt. "Go síothach, grádhach dhúinn coir conntabharach agus cuideachta shuairc againn, a Ghiúistís, go dtáinig an connstrabhálaidhe seo isteach, a's gur chrom ar sinn do chiapadh lé n-a chainnt ait, agus imreas do dhéanamh": duine achrannach. Cad air go bhfuilir ag cainnt mar sin, dar ndóigh ní atúrnae in ao'chor é ach connstrabhálaidhe, ná bíonn aige ach giobaireacht aighnis d'iarraidh fíné do chur i ndraip: duine a bhíos d'iarraidh buaidheartha gan puinn deallraimh lé n-a chuid cainnte. Éirigh as, cad é an mhaith dhuit bheith ag argóint ná d'iarraidh na fírinne do chur i luighe gaibhte ar chonnstrabhálaidhe atá chómh dall le bonn mo bhróige: duine gur cuma leis ach bheith ag teacht treasna. Chun na fírinne d'admháil budh dheacair do a óráid do chur as a chéile i gceart agus an oiread connstrabhálaidhthe a bhí tímcheall an árdáin ag raideadh cheisteann air an uile nóimint: treasnálaidhthe: daoine gurbh é a ghreaindighe bheith ag cur buaidheartha ar an gcainnteóir.

connstrabhálaim: (**connstrálaim**) *b.a. 7 n-a.* treasnálaim, tagaim treasna ar, tugaim fé meargó do chur ar dhuine. Má chonnstrabháltar an cainnteóir airís, caithfear amach an cionntach, ach fanadh sé go mbeidh deireadh ráidhte agus annsan bíodh faid a théide aige chun aonnidh atá ar a aigne a rádh do rádh: má tagtar treasna air d'iarraidh é do chur amugha. Is dóigh mhuise do chonnstráil (chonnstrabháil) na gárdaidhe go maith é d'iarraidh a bhaint as a bholg cá raibh sé idir uair a dó dhéag ist oidhche agus a ceathair ar maidin: chuireadar cruaidhcheisteanna air: ní raibh aon rud ionchuimhnte ná gur dheineadar d'iarraidh beartha amuigh air. Connstrabháil é d'fhéachaint cá bhfuil sé ag dul agus beidh greann againn air: bí ghá cheistiughadh agus ghá chlipeadh d'fhéachaint an scéidhfeadh sé air féin. "An fíon atá sa tsoitheach san?" – "ní headh". "An brannda atá ann?" – "ní headh". "An beathuisce atá ann?" – "ní headh! Uisce atá ann agus ná connstrabháil a thuilleadh me": ná bí ghom chiapadh lé ceisteannaibh: ná bí chómh míbhéasach, fiosrach san. "Ó ná hadmhóchadh sé an choir tugtar isteach airís sa tseómra dhorcha an díolamhnach agus connstrabháltar, ciaptar é go n-admhuighidh sé": bítear ag cur ceisteann air a chuirfeas mearbhall air go dtí go gclaoidhtear é.

connstrabhálta: (**connstrálta**) *a.r.* crosta, achrannach, aimhreidh, ciaptha le ceisteanntaibh. Fuaireamair scata mór ceisteann ar an bpáipéar scrúdúcháin a bhí chómh connstrabhálta san ná raibh iomaidhtheóir sa tseomra a fhéadfadh dul i ngiorracht dóibh: chómh crosta san: aimhréidh. Táir ag dul díom; d'aindeóin mo dhíchill chun tu do shásamh ní haon mhaith dhom do bheith leat; is eagal liom gur duine connstrabhálta tu: duine doshásuighthe, duine go mbeadh rud éigin i gcómhnaidhe bun ós cionn leis dá fheabhas iarracht do tabharfí ar é do shásamh. Ceal an eólais atá ag teacht liom, is dócha, tá stiúradh an bháid ag teacht anchonnstrabhálta: dall: deacair: neamhshoiléir. Daoine go dtagann teangthacha anchonnstrabhálta ortha, daoine eile go dtagaid saonaoideach ortha: dian, aimhréidh. Ar an té a bhíos dall bíonn oibreacha cluig, dá luighead é, chómh connstrabhálta air a's bheadh oibreacha muilinn: chómh deacair do thuigsint. Éist anois go fóill, tabhair eaga machtnaimh dom, táim connstrabhálta ar fad ag an gclár trátha so, stadanna, traenacha, amanna ag dul san eagar orm: trí chéile: ceasnuighthe: mearbhalluighthe. Na bí chómh connstrabhálta leis an leanbh agus ní bheidh sé chómh faithteach romhat, tabhair milseán do a's labhair go soilbhir leis: ná bí chómh daighceach leis. Sráideanna connstrabhálta atá i lár Lonndain, gearra, caol, neamhdhíreach ag rith treasna ar a chéile gach aon chéad nó dhá chéad slat: achrannach, aimhréidh, cóimhghearrthach. Tigh connstrabhálta é seo ná faghfá choidhche an rud a bheadh uait ann: tigh ná fuil aon rud in eagar ná in órdughadh ann. Tagann obair connstrabhálta ar gach tosnuightheóir: tagann sí deóranta air.

conntanós: *f.1.* ceannaghtha, an ghnúis. Is cruinn do thug sé conntanós a athar leis: deallramh a athar. D'fhéach sé isteach im chonntanós, mar bheadh d'iarraidh a dhéanamh amach cé bhí aige: cruinn isteach im cheannaghthaibh. Ní maith liom an conntanós atá ar an lá: an chuma atá ar an lá. Dá mbeadh aon tsaghas conntanóis ar do scéal, b'fhéidir go gcreidfí thu: aon chuma fhírinneach.

conntar: *f.1.* muirearaigheacht, guais, treis, priacail, toisc, amhgar. Duine ró-aireach air féin ná raghadh i gconntar aonnidh do thásdáil mara mbeadh sé lándeimhnightheach dréir a thuairme ná teipfeadh air: ná raghadh i dtreis: ná tabharfadh fé rud a dhéanamh. Ar

chonntar go bhfágfadh sé an dúthaigh thug an Riaghaltas cead a chos do: ar choingheall. Ní rachfainn i gconntar scillinge leis: ní chaithfinn scilling ar aon ghnóth cómhpháirte leis. Ní raghadh sé i gconntar chúig phúint breise do thabhairt ar an áit thar mhíle, sin é an t-ughdarás a bhí fachta aige: ní chuirfeadh sé é féin i dtreis: ní thógfadh sé air féin. Is mór an conntar do dhuine gan gustal tigh do thógaint: is mór an tógaint idir lámhaibh é: muirearaigheacht.

conntabhairt: *b.2.* guais, gábhadh, priacail. An té go mbíonn eagla na conntabhairte air ní baoghal do: an duine go mbíonn a shúil anáirde do shíor agus go mbraitheann go mbíonn conntabhairt i gcómhnaidhe ar a thí bíonn dul as aige. Fear maith an fear a théidheas i gconntabhairt a anama d'fhear eile: neamhscáth báis. An té a ghrádhas an chonntabhairt tuitfidh léi: an té a chuireas é féin go minic i mbaoghal bháis, ghortuighthe nó dhochair is dóichighde gur b'é a dhán an tinn do dhul air, luath nó mall. Bíonn an chonntabhairt ann: is deacair dul ó ghortughadh. Dochar nó bás aon lá de shaoghal dhuine: deirtear so nuair thárluigheann aon rud dochraideach go neamhghuiseach. Cuir i gcás go dtuiteadh cloch ar mhéir dhuine agus go dtiocfadh nimhiughadh fola as déarfí é. "An déanfaidh sé sneachtadh?" – "tá conntabhairt ann" .i. is baoghalach go ndéanfaidh. Ar do chonntabhairt ná buail barra méire ar an ngléas aibhléise sin nó dóighfidh sé id sméaróid thu .i. cao caillte. Chuaidh sé i gconntabhairt a raibh aige do chailleamhaint d'fhonn púnt nó dhó sochair do dhéanamh, fear misneamhail a dhein riamh é: chuir sé é féin fé léighe amuis chaillte a raibh aige.

conntabharthach: [**conntabhartach**] *a.* baoghalach, guaiseach, priaclach. Is conntabharthach í an fharraige: is dóchaighde tionóiscidhe do thárlachtaint ar an muir ná in áit eile. Des na trí cinn, an talamh, an mhuir agus an spéir is í an spéir, dar liom is conntabharthaighe gur bh'fhusa nó gur thúisce thárlóchadh tionóisc nó matalong do dhuine ann. Biadh conntabharthach lé n-itheadh seadh bhíonn lé fagháil i stánaibh buanchoimeádacha: leanann baoghal itheadh an bhídh a bhíos ionta. Is conntabharthach an gnóth dhuit fanacht in éadach fliuch: bír fé dho fuacht d'fhagháil.

conspóid: *b.2.* argóint, achrann, aigneas, iomarbháidh, imreas. Má éirigheann aon chonspóid eadraibh éireóchadsa béal na gclár as aon chabhair do thabhairt díbh, fear síothchána me nách mian liom achrann: aon easaontas: tuiteam amach: ceal réidhtigh. Thárlaidh conspóid idir an mbeirt aca ar ceaca b'fhearr tráchtáil shaor nó cosaint tionnscal: argóint. Anchonspóid a bhí idir an mbeirt fheirmeóiridhe i dtaobh an chasáin, gach duine aca ghá éileamh do féin: ní shocróchadh cara ná namhaid eatartha ach an dlighe amháin: constrabháil, troid argóna: an t-achrann. Conspóid ar bith ní theastuigheann uaim do bheith agam le haonne mar gheall ar mo chuid féin ach é do choimeád: argóint: bheith ag cur a's cúiteamh chun a bhuannachta do chruthughadh. Chuadhadair chun conspóid i dtaobh an tobair fhíoruisce, cuid aca d'iarraidh gan a leigeant don gcuid eile a tharrang, gur bh'éigean a shocrughadh ag an ndlighe: chun achrainn: constrabhála: imreasáin.

conspóideach: *a.* trodach, achrannach, sparnach, imreasánach, clamparach, diospóideach. I ngiorracht phoinnte an bhioráin do chuaidh an dá chómhacht ar dhul chun cogaidh mar gheall ar stráice talmhan conspóideach a bhí idir a sealbhantaidhe toisc go

raibh oíle ann, gach taobh aca ghá éileamh dó féin, talamh go raibh aimhréidheas sealbha ag baint leis. "Poilitidheacht!" ars an fear, "mo mhallacht uirthe, teagasc conspóideach a bhaineas léi, a chuireas na daoine i gcochall a chéile": teagasc go mbíonn síol an easaontais agus na troda ann. Fear grádhmhar ar a chéill seadh é, ach nuair bhíonn braoinín caithte aige bíonn sé conspóideach, chuirfeadh sé bruighean ar ingnibh a chos!: fonnmhar ar chainnt argóna do dhéanamh. D'éirigh sé as phoilitidheacht fadó riamh, budh chonspóideach leis mar chúrsa í, bhíodh sé an uile lá dá dheóin nó dá aimhdheóin in achrann lé duine éigin: constrabháil: easaontas smaointe. Téid pusa an amadáin i gconspóid agus goireann a bhéal ar bhuillidhibh (Seanráidhte XVIII. 6): in argóint: in achrann cainnte. Dá mhacánta is dá mhíne bhí sé leis bhí an fear eile chómh conspóideach san ag spochaireacht air nár fhéad sé an chainnt tharcuisneach do leigeant leis: trodach. Ní maith liom mo cheann do shádhadh i scéal conspóideach mar creideamh: i scéal go mbíonn a bharamhail féin ag gach neach air.

conspóidim: *b.a. 7 n-a.* críoncháinim, cóimhlingim, constrabhálaim, troidim, tagraim. Ní chonspóidfead a thuilleadh leat, táim cortha ó bheith d'iarraidh a chur 'n-a luighe ort go bhfuilir mícheart agus is mara chéile dhom é lé héisteacht: ní dhéanfad a thuilleadh imris cainnte leat. Chonspóidfeadh sé leis an sagart go mbeadh an ceart, rogha gur chuma leis a bheith nó gan a bheith: raghadh sé chun cinn leis an sagart in aighneas. Ná bíodh an riotha seama go léir fút, conspóidfead cúig ar chúig leat ar argóint atá agat in aghaidh tionnscal d'Éirinn: tabharfad iarracht ar do bharamhlaibh do chur ar neamhnidh. Chonspóid sé i mbréithribh fuaimeantamhla gur dhíobháil don ndúthaigh aon bhaint do bheith aca le cómhar do dhéanamh le dúthaigh iasachta ghá shuidheamh gur chonntabhairt chogaidh dóibh é, agus maidir lé cogadh dhe go raibh na daoine dothánach de: thug sé iarracht láidir ar a chur in iúil go raibh an ceart aige.

constaic: *b.2.* agó, col, clisteacht chainnte, cleasaidheacht, dubhfhocal. Constaicidhe an domhain uile go léir do bhí orm an blúire talmhan san d'fhagháil, ní raibh aon udhacht déanta ge té gur leis é roime seo, chaithfí an áirighthe sin do dhíol a's é d'aistriughadh i ndlighe agus a lán mionrud ciapuightheach eile i dtaobh fiach agus mar sin de: ceapanna tuislidh. Ar cheannach an ghluaisteáin do uaim chuir sé mar chonstaic sa mhargadh dá dteipeadh an t-inneall ar rith go bhfillfeadh sí orm í: coingheall margaidh. Chun bóthair anois linn, táimíd réidh, glan, níl aon chonstaic rómhainn ná orainn: aon chosc: aon rud a mhoilleóchadh sinn. "Is ait liom", arsa duine aca, "an bheirt sin a bhíodh chómh muinnteardha, caradamhail sin do bheith chómh fíochmhar in aghaidh a chéile anois" – "ní raibh mór riamh ná beadh beag" arsa duine eile ghá fhreagairt; b'shin constaic agat: b'shin carbhall líomhtha, cliste. Chaitheadar an chéad tseachtmhain ag constrabháil i dtaobh an sceighte bhig seo d'Uladh do theacht isteach, Sasana ag cur gach aon chonstaic i mbealach ár dteachtaidhthe, nár bh'fhéidir leo éigean do dhéanamh ar an dtuaisceart agus so súd a's súd a's so: toirmeasc, bac, tiobaint: rud a bhí ins an tslighe: cosc. Constaic phósta a ndóthain atá ortha, iad do bheith rógheairrid i ngaol: col: cosc: bac. Ní mór duit do shúil a bheith anáirde agat ar an bhfear san dá mbeadh sé mar pháirtidhe ar feadh bliadhan, tá sé lán de chonstaicidhibh ná beadh a fhios agat cathain chamfadh sé ort: cúinsidhe: cleasa cama: camastaghail. An dtuigir "breasdoló breanndoló"? – "ní thuigim, níl ann ach constaic": focal chun me do chur i ndraip ["beir as de ló" "beir ann de ló"]. Nuair iarras púnt ar iasacht air, do bhí an oiread san chonstaicidhe aige 'n-a thaobh – "cad

é an gnóth a bhí agam de?" "cad cheannóchainn leis?" "cad n-a thaobh ná raibh púnt agam féin?" go ndubhart leis lé déistinn é do chongbháil aige féin: mioncheistiúchán. Beir go leanann constaicidhe dul tar lear sa tsaoghal atá anois ann – clóichead, iomlaoid airgid, oifig na mbéas, cuardach is gleóthálacha eile: rudaidhe go leanann duadh iad.

constaiceach: *a.* deacair, fadhbach, constrabhálta. Toisc ná raibh a lithéid d'obair déanta ag neacht rómham agus gan aon chaighdeán agam tháinig sí constaiceach orm ar dtúis, agus tagann fós. B'fhearr liomsa gan bac leis an nduine sin dá bhfaghthá aonne eile, mar chaonaidhe constaiceach is eadh é ná beadh sásta ar me do réidhteach nó gan a réidhteach leis: duine aithshlightheach: gur b'é a mheón gan teacht lé neach. Caithtear ciall leis seo mar chúrsa, mar tá sé i bhfad níos constaicighe ná mar thaidhbhsigheann sé, caithfeam ar dtúis scríobh chun an Aire ar lorg ceada tógta, annsan scríobh ar lorg an airgid agus ar deireadh urraidhe gustalacha do sholáthar: níos deacraighe le hionnsaidhe: níos neamhfhusa.

contráil: *b.3.* an mhalairt, an rud neamhionann ar fad. "An bhfuil aon deallramh ag Séamas lé n-a dhreatháir Seán?" – "níl, a chontráil ar fad, ar fad" .i. a mhalairt de dhuine: níl aon chosamhlacht ar bith eatartha. Teasduigheann uaimse dul agus an t-ionad d'ionnsaidhe láithreach baill, a chontráil atá uaitse, gan é d'ionnsaidhe anois ná choidhche: a mhalairt de ghníomh ar fad. Pé rud adeir an duine ciapuighthe deir a bhean a chontráil: an rud contrárdha: an rud a bhíos díreach i gcoinnibh a n-abrann sé. Deirtear annso gur ar son na Frainnce do dhein Sasana cómhar cogaidh léi deirim-se gur b'í a chontráil an fhírinne: gur ar a son féin é. Dlighe chontrála nár thaithnigh lé haonne dob eadh an dlighe do chur an chúirt mhíleata ar bun: dlighe chodarsna, chontrárdha.

contrálta: *aid. rang.* mícheart, bun ós cionn, ar malairt chuma, treasna, contrárdha. Lé déidheanaighe do rinne duine contrálta de, ní mór go labharfadh sé leat ach púic air; tamall ó shoin, duine grádhmhar, gáireach dob eadh é .i. duine atharruighthe ar olcas. Bí béasamhail, ní bhíonn aon ghábhadh lé bheith contrálta .i. deifreach lé furmhór na ndaoine. Chídhim gur chuiris dath contrálta ar fhuinneógaibh do thighe: dath nár bh'é an dath a bhí ortha ar dtúis é. Cad n-a thaobh do stocaidhe do chur ort contrálta, taobh istigh amach?: ar an gcuma nách gnáthach iad do chaitheamh. Nuair bhí dreatháir m'athar ag dul 'on Oileán Úr nár chontrálta an ghaoth a tháinig gur cuireadh as radharc talmhan thall iad abhaile go Cóibh!: nár chodarsna: gaoth neamhfhabhrach. Ó fhágas an áit seo dathad bliadhain ó shoin tá an áit contrálta ar fad: áit atharruighthe i slighe a's gur dheacair duit a aithneamhaint.

contrárdha: *aid. rang.* malairt, ait; neamhionann. An chéad scéala a tháinig gur bádhadh a raibh sa luing, lean scéal contrárdha é sin ghá rádh nár bádhadh ach fiche duine .i. scéal ná raibh focal ar fhocal leis: scéal nár aontuigh leis. Ní bheadh gach aonne ag gearán ort mara mbeadh go bhfuilir contrárdha agus go mbír ag griogadh gach aonne .i. ait, neamhchosamhail lé furmhór na ndaoine eile. Ní bheadh a fhios agat cathain budh leat é nó nár leat é, duine contrárdha dorcha: duine nách mar aonne, ait ina shlighthibh. Níor bh'fhéidir seóladh siar díreach, gaoth chontrárdha a bhí ann agus b'éigean dúinn tacáil: gaoth in ár gcoinnibh. I Lonndain Shasana bhuailfeadh daoine contrárdha leat leis na daoinibh a bhuailfeadh leat annso: daoine ná bíonn aon chosamhlacht eatartha. Bí ar nós

gach aonne eile sa pharóiste, ná bí contrárdha leo, a's caith do ghuth lá an toghaidh: ná bí neamhchosamhail leo: easaontach, corr. Aimsir chontrárdha don Mheitheamh seadh í, gaoth mhór, báisteach a's glaise an Mhárta ann: aimsir neamhghnáthach. B'é súil gach aonne a's é ag éirghe suas go ndéanfadh fear groidhe dhe, contrárdha dá ndóchas is amhlaidh do dhein meathalóir de: i gcoinnibh i ndóchas: dóchas nár thorthuigh.

contrárdhacht: *b.3.* an mhalairt ar fad, bréagnughadh, frisnéis. Riamh ní dubhart gur bh'fhearr liom bheith san Oileán Úr ná in Éirinn, ach a chontrárdhacht ar fad – gur bh'fhearr liom bheith in Éirinn. Mara mbeadh a chontrárdhacht féin bheith ag tafant argóna ar na daoinibh ní chuirfeadh neach cruisteach air: a aiteas féin. Níl aon rud is coitchinne ná contrárdhacht baramhal: éagsamhalacht baramhal: ní lia duine ná baramhal: gach aonne a's a bharamhal féin aige. Má tá contrárdhacht baramhal poilitidheachta féin againn ní fhágann san ná gur féidir linn do bheith muinnteardha lé chéile: neamhaontacht i dtaobh poilitidheachta, fóirleathanadamhail. Ar fuaid na dúthaighe do bhí sé gur mhairbh an traen é ach bhí contrárdhacht scéil aca nuair bhuail sé an doras isteach chúcha slán, folláin, beo, beathadhach: a mhalairt scéil.

contráth: (**comhthráth, cróntráth**) *b.3.* clapsholas an tráthnóna, coinfheascar, amhascarnach. Leis an gcontráth seadh is iascamhla an abha so: nuair bhíonn doircheadas na hoidhche ag tuiteam: tuitimín oidhche. Choimeádas radharc rómham amach air, dá fheabhas deabhadh do bhí dhá dhéanamh aige, go dtí gur bhain an chróntráth díom é: gur bhailigh doircheadas na hoidhche 'n-a thímcheall, agus gur chailleas amharc air. Ar eagla feicthe ag an bhfaoilinn ní ghaibheann an gurdal amach ach leis an gcontráth: nuair bhíonn sé chómh dorcha san díreach a's gur deacair breithniughadh i bhfaobhar an uisce agus na bhfaillteach. Tagann dath aoibhinn ar an oirear leis an gcontráth: ar mbeith do sholas an lae ag dul as. Lastar an solas go bhfeiceam a chéile, tá an chontráth ann: tá solas an lae dulta ar ceal.

copóg: *b.2.* plannda. Foithin san áit úd! níl mhuise, oiread agus gheóbhfá ó chopóig sráide: foithin gan mhaith. Mara chéile dhuit dul ar scáth copóige nó dul ar choimirce an mheathtaigh sin: is ionann cosaint duit uatha: ní fiú faic é mar fhascain. "Beidh coirce annsan agat" – "beidh, copóga!" .i. ní fhásfaidh ann ach fiadhaile.

cor: *f.1.* casadh, pléata; scruig; corruighe, lúbadh, cam; draip, toisc, atharrughadh, aiste, stáid, geall, urradhas, connradh, cómhacht, turus, uain, cleas, cealg, gliocas, cealgrún, pian, duais, an eaga a bhíos líon curtha nó an méid éisc a bhíos ann, tímcheall, coingheall, margadh, slighe, comar, seal, tamall. Bhain an chú trí cuir as an ngirrfhiadh, ach thug sé na cosa leis: trí cartaidheacha .i. ar bheith den gcoin chun beartha air d'atharruigh an girrfhiadh treó. Ní fhéadfá dul amugha mar tá bóthar lom díreach rómhat amach gan oiread a's cor ann: casadh: imtheacht as a dhíreach: iompódh ar dheis nó ar chlé. Thugas an lá ar mo chromadh ag dubhobair, um thráthnóna bhí cor ionam ná féadfainn me féin do dhíriughadh .i. caimeacht: ní raibh ionam seasamh díreach. Cad do chuir an cor isteach a's an cor amach ionat ná siubhalófá díreach .i. ag tabhairt dhá thaobh an bhóthair isteach: ag luascadh ó thaobh taobh. An long san b'fhuraist aithint go raibh rud éigin ar ceal lé n-a fearas stiúrtha bhí cor sall as cor anall innte .i. í do bheith ag imtheacht tamall treó amháin agus gan mhoill ag gluaiseacht treó eile. Abha gan cor is deacair d'fhagháil

.i. abha a shnigheas roimpe lom, díreach. Beidh an téadán san rólag, róéadtrom ar dhá chor, cuir cor eile ann .i. dual: ceann des na cuideannaibh go ndéantar téad nó téadán de: scáine. Iarnaidhe snátha casta ar a chéile chun cuir do dhéanamh. Téad dtrí gcor; cábla dachad cor; sreangán sé gcor: sé snaithínidhe casta ar a chéile. Rug an tseanbhean ar choileach na gcómharsan a's cuir sí cor 'n-a mhuineál .i. chas sí an muineál tímcheall aige gur bhris a dhiúch. Mara n-éistir cuirfead cor id phíopán .i. tachtfad thu. Sin falla ná fuil tógtha go maith, dearc go cruinn air a's chidhfir an méid cor atá ann, iogán annso agus iogán annsúd .i. caimeacht: bolgadh nó éirghe amach tar ceart, gan é do bheith díreach dréir a chéile. Dá mbeidhtheá ar nós an mhada ruaidh ní bheadh a fhios agat cad é an chéad chor eile do chuirfeadh an cladhaire sin de .i. luastar: corruighe: geábh: iarracht: cleas chun do mheallta. Seachain tú féin ar an bhfear san is iomdha cor ina bholg d'fheallfadh sé ort ar fige fiodha .i. cam: urchóid: an mianach geinte ann chun feallta ar dhuine: neimhionracas. Gheall sé dhom, thug sé na mionna a's na móide go mbeadh sé sa bhannc ag feitheamh liom chun dul in urradhas orm, agus b'é sin an t-aon dul suas a bhí agam, ach thug an bitheamhnach an cor dom, ní tháinig sé .i. rinne sé an bheart shalach nuair fuair sé an chao orm: d'fheall sé orm. Is beag rud ná fuil tástálta aice d'iarraidh cuireadh d'fhagháil chun dul ar phroinn 'on Chaisleán, tá sí ag tochas a cinn anois ag cuimhneamh ar chor éigin a ghnóthóchadh di .i. ar chleas glic: ar ghluais éigin. "Cuireadh ort go ndubhrais gur iarras-sa beart ar an Riaghaltas" – "ní mar sin do bhí, cuireadh cor im chuid cainnte, sé rud adubhart ná beadh iongadh orm dá ndeinteá mar go raibh sé lántuillte agat" .i. casadh mícheart. Shín sé ar an úrlár, a ghunna greamuighthe go dlúth ina ghlaic aige, ag dúmas an bháis, gan cor as, ag feitheamh le cor éigin ó n-a namhaid san tseómra budh ghiorra dho .i. gan aon chorruighe: preabadh, éirghe: atharrughadh ionaid. "Ná cuir cor ded bhuaraigh": ná bíodh sé de mhisneach agat aon iarracht do thabhairt ar an ionad ina bhfuilir d'fhágaint. Is i dtaobh na bó crosta an samhladha cainnte seo. Le linn a crúidhte cuirtear ceangal ar a dhá cois deireadh (buarach). Dá gcorruigheadh an bhó fiú amháin ar an aiste sin is baoghalach go ndoirtfeadh sí an bainne. Is iomdha cor do thug sí d'iarraidh a hinghine do chur mar bhean mhic sa tigh móir: iarracht ghlic. Dá mbeadh an teine sa tigh ní chuirfeadh sé cor de féin chun a theichte, lé n-a leisceamhlacht: ní bhainfeadh sé aon áis as luadar na gcos. "Connus tá an fear breóidhte indiugh?" – "anolc ar fad, mo thuairm go bhfuil sé ag tabhairt na gcor": "ní fada uaidh an chabhair" .i. ins na croitidhibh deireannacha: ag crothadh na gcos: i ndeireadh na feide: i mbéal bháis: ag foghluim an bháis: ag dul abhaile: ag triall ar an mbreis: ag dul sall. Tú féin do mhoilligh thu féin a thug cor bealaigh ort: aistear: tímcheall gan ghádhtar. Bain an cor castaidh as an dtéadán nó brisfidh sé agus ní gheóbhaidh sé tríd an lúib .i. na snaidhmeanna achrainn atá tagtha ann. Níor fhéad na báid ach aon chor amháin do thabhairt mar ghlasuigh an oidhche a's b'éigean dóibh teicheadh: níor chuireadar a líonta i bhfarraige ach aon uair amháin: aon iarracht iascaigh amháin. I dtosach na hoidhche thóg na báid cor éisc chómh mór agus bhí riamh aca .i. cuid mhór éisc: an méid éisc a bhí ins na líontaibh d'aon iarracht. Thug na hiascairidhe an oidhche cor ar cor gan faic .i. ag cur a líonta agus ghá dtarrach, uair, dhá uair, trí huaire agus breis b'fhéidir. Thug sé cor na sráide d'fhéachaint an bhfaigheadh sé amach cad é an poll ina rabhais sáidhte .i. chuarduigh sé an tsráid ar fad duit. Mhuise, nách iomdha cor sa tsaoghal, nuair bhíos-sa óg is beag cuimhneamh a bhíodh ar thé ná ar thoitínidhibh againn, féach ár gclann anois .i. is iomdha atharrughadh a thagas le himtheacht na haimsire. "Budh láidir, gustalach an fear tamall é, anois níl ann ach sclábhaidhe

tuarasdail" – "sin é cor an tsaoghail" .i. an t-atharrughadh aisteach gan súil leis do dheineann sé. D'atharruigh sé le coraidhibh an tsaoghail: malairt saoghail, malairt béas nó gníomhartha. Féach an cor do thugais ar an ngarsún san; do ghlúin do sháthadh ina bholg a's é d'fhágaint gan aithne, gan úrlabhra .i. an stáid: an aiste: an chuma chuirp atá air id dhiaidh. "Cad é an t-aos atá aige, dar leat?" – "tonnaosda go maith, chaith sé cor mór dá shaoghal thar lear, breis a's fiche go hárd, a's ní anuiridh ná arbha anuiridh do tháinig sé abhaile": seal, tamall, scathamh. Ins na tíorthaibh teódha lasmuigh tugaid cor den dtráthnóna ar scáth ón ngréin go maoluighidh sí: tamall aimsire. Níl faic lé maoidheamh aige ach oiread le haonne a bhí láithreach, dhein sé a chor magaidh fé m'aindeise, maidir lé duine: a ghreas, a chomhthrom. Níor mhaith liom do bheith sprionnlaithe in aon chuideachtain agus chaithfinn mo chor chómh maith lé cách ach gan amadáinín do dhéanamh díom féin ar fad: mo chion: mo dhualgas. Is truagh liom cor an té nách féidir leis an t-ólachán do thréigean .i. a chás, a chruadhchás. Féach, a leinbh, an cor atá anois ort, salach, barcach ó cheann go cois ó bheith ag gabháil trí lathaigh .i. an clódh atá ar do chuid éadaigh. Lean de agus beir go maith, coidrigh a chuideachta san go dtí go mbeir ar a chor féin aige, id scaoinse sráide .i. ar a chuma nó a chlódh féin. Cheangail an seanduine de chor air ach an talamh d'fhágaint ag an mac dob óige go ndíolfadh sé na fiacha a bhí ar an áit .i. mar chonnradh mó margadh dlighe. Tabharfad cor duit go ndíolfad na fiacha ar an áirighthe sin sa mhí, agus tabharfad beirt urraidhthe i ngioll leis: geallamhaint: ceangal: cuing: rud mar urradhas go gcóimhlíonfad an rud atá geallta agam. Is fada atá ag dul díom connus gluaisteán do rith ach ar chor éigin déanfad fós é: ar chuma éigin: i slighe éigin. Ar chor go mbeadh gach aon rud réidh a's ná beadh aon mhoill ortha dul treasna chun an oileáin chuir sé scéala uaidh an lá roimh ré .i. i slighe agus: ionnas go etc. Déanfadsa pé nidh is mian liom féin gan do chead ná t'órdughadh-sa, mar ná fuilim ar do chor in aon tslighe: id chómhacht: féd smacht. "Anois", ars an sladaidhe oidhche, 'sa ghunna dírighthe aige ar fhear an tighe, "go bhfuilir ar mo chor agam, caith chugham a bhfuil d'airgead agat nó scaoilfead an ghaoth 'san ghrian tríot" .i. im chómhacht: ar aiste gur féidir liom aon rud is áil liom do dhéanamh leat. "Ó is é seo an chéad uair agat ag teacht os chómhair na cúirte seo", ars an giúistís "bíodh leat don chor so, ach ná faighim annso airís thu" .i. don ócáid seo, don turus so. Lean na bleachtairidhe é ar feadh an lae ar fad agus is é slighe thug sé an chor dóibh dul isteach i dtigh agus gabháil thiar amach .i. d'éaluigh sé uatha ar an gcuma so. Thug an fear bocht cor tuathail agus casadh ar sháil in ionad leanamhaint ar aghaidh d'iarraidh an gluaisteán do sheachaint: iompódh mícheart. Ní uair ná dhá uair do thugas iasacht rud do agus nuair loirgeas iasacht púint air d'éitigh sé me, féach air sin de chor .i. fealladh: déanamh: iondrabháil: drochchómhardadha (cómhardú). Lá seadh anois é (tímcheall lá 'le Pádraig) go bhfuil cor maith ann: faid mhór. Stadfad anois, mo thuairm go bhfuil mo chor den obair déanta agam .i. mo chion: mo chuid. Do bhí cor maith den oidhche caithte nuair shroicheas an tigh, toisc faid an bhóthair: smut maith. Ar gach uile chor sin mar gheóbhfá an cladhaire sin, cliseadh ort nuair is mó bheidh gádh agat leis: ar gach aon chuma agus ar gach aon tráth. An cor do chuir sé ina bhéal lé seanbhlas nuair iarradh síntiús air .i. an tsnaidhm: an chuma fhiar: cuma chasta ar thaobh. D'éirigh an ghaoth 'n-a scallaidhibh fiadhaine, borba ar an mbád gur bh'éigean trí cuir do chur sa tseól, ná raibh oiread do hata sa deireadh ann: an méid de bhun an tseóil do bailightear le chéile i ngreim snaidhmeann chun é do luigheadughadh. B'shiúd é do dhóthain d'fhear duit a thug cor in aghaidh an chaim agus cam in aghaidh an chuir duit: nuair dheinis an

cam dhein súd rud éigin chun é do sheachaint nó do chur ar neamhnidh agus nuair thugais an cor do nó feall do dhéanamh air dhein súd rud fealltamhail ort ionnas ná raibh faic buaidhte agat led chúinsidhibh. Lé n-a fheabhas (gliocas, alfraitsidheacht, cladhaireacht etc.) níl aon chor as so go maidean ná go mbeadh an lá aige: aon atharrughadh, cleas, cúinse, iarracht do thabharfí. Bain cor as an meidir seo (lé piseógaibh) sara ngabhair amach: caith seal ghá casadh dréir nósa. Do stad an fear cirt an imirt nuair chonnaic sé imirtheóir ag tabhairt cor coise d'imirtheóir eile a's ghá shíneadh ar a smúsaigh: ag cur a choise treasna roim chosaibh an fhir eile chun cosca a ngluaiste go hobann. Dá fheabhas do bhíos ar m'aire féin air agus ghom sheachaint féin aire thug sé cor na cróige dhom: a thúisce a's fuair sé mo dhrom leis nó amús faillighe aige orm rinne sé beart orm: d'éaluigh sé uaim: bhuail sé bob orm. (Éan seadh an chróg (chrathóg) gurb andheacair teacht i ngiorracht urchair di agus ar a luighead faille nó brabúch do gheóbhadh ort bhaileóchadh léi, ar an adhbhar san an carbhall). Seo dhuit an scéal mar thárlaidh sé gan chor gan chlaon: eachtra ar thuit amach gan atharrughadh ná iompódh ná cóiriughadh duine féin. "An raghfá ag cor liom?" – "connus? lámh thíos a's lámh thuas? nó ag brollaidheacht (borlaidheacht)?": ag iomrascáil: freacar lidhe idir bheirt a ghreamuigheas a chéile isteach agus a thugas ar a chéile do threascairt nó do bhreith chun talmhan. Nár cuireadh cor ann (scéal, eachtra) mura bhfuilim ag innsint na fírinne: táim ar mo dhícheall d'iarraidh an chirt d'innsint. Budh mhinic adubhart leat mara seachnófá an drochchuideachta úd go dtabharfaidís ar a gcor féin thu: go n-atharróchaidís thú mar iad féin.

cor: *f.1.* urradhas cóimhlíonta geallamhna, banna, taca, árach. An lá fé dheireadh do chuir Séambairléin agus Hitlear a n-ainmneacha le cor ná cuirfidís cogadh ar a chéile choidhche airís ach socrughadh a n-easaontas do bheith ar chinneadh cómhairle: daingean: margadh ceangailteach ar an dá thaobh. Chuireas-sa me féin fé chor go n-íocfainn féin a tháille má theipfeadh seisean. A ainm a chor: aon rud go gcuirfeadh sé a ainm leis níor bhaoghal ná go gcóimhlíonfí. Gan talamh nó geall éigin eile do bheith mar chor ag duine is beag do gheóbhadh sé ar cháirde ó shiopadóiridhibh: mar thaca(idheacht).

cor: *f.3.* (*-tha*) do thuirsiughadh, do dhul i dtuirse; do thraochadh, do mhórshuathadh. Tugann cor an lae fhada cruadhoibre leis, a's iadhann a shúile ar a chéile: tuirse duaidh agus duabhais a leanas an lá. Ná bí ghom chor lé scéal gur cuma liom 'n-a thaobh: ag cur míchéadfa nó míothaithneamh orm leis. Táir dhá chor orm, luathuigh: níl do bhaill i ndán cothughadh do chongbháil ar luas nó ar neart. Nár mhór an cor codlata a bhí air go dtuiteadh a smeigín dá aindeóin annsúd anuas ar lonnaidhibh na maididhe rámha: tuirse cheal codlata. Caith díot an t-ualach, táir dhá chor aige, goirteóchaidh sé thu: dhá thraochadh: iomchar an ualaigh rómhaith dhuit. Aon lá anois, bead dom chor ag an aois: an t-aos ag fagháil an lámh uachtair orm.

corach: *a.* casach, lán d'iompaidhthibh. Bóthar corach seadh é don iomad deabhaidh i ngluaisteán: castaidheacha róiomadamhail ann. Tá a aigne siúd róchorach do dhuine mhacánta mar thusa, nuair budh dhóigh leatsa é bheith báidheamhail is amhlaidh bheadh sé díobhálach: rócham: an iomad lúb neamh-ionraic ann. Ar thalamh slinn is coraighe an

abha: is caime. Nách corach an bóthar do thugais ort féin ó Áth Cliath go Tráighlí, gabháil trí Chill Chainnigh, Phort Láirge a's Chorcaigh?: neamh-dhíreach, aistearach.

córach: *a.* ceart, comhthrom; deaghchúmtha, dathamhail; gasta. Cuir do chuid áruistaidhe go córach ar an gcornchlár: dreir a chéile go deas: go gasta. Is maith córach do bhuail sé an charriag lé n-a órd gur phléasc í: go gasta, cruinn. Budh neamh-chórach an freagra dhuit a rádh leis "a shrón do leanamhaint!" nuair chuir sé eólas na slighe ort: neamhmhiochair: neamh-oireamhnach. Siubhalann sé anneamh-chórach – barraidheacha a chos ag iompódh isteach: neamhshlachtmhar: neamh-mhaiseamhail. Cé gur chóraighe as a bheannaibh an fiadh, dar leis ná as a chosaibh, do b'iad a bheanna deasca a chailleamhna: gur dheagh-chúmtha iad: gur fearr do bhíodar déanta dréir a chéile agus gur thaithneamhaighe don amharc iad: an uilechuid nó bhall díobh bheith cóimhfhreagarthach maidir lé déanamh a's maise. Nách córach greannta do bhuaileann sí bóthar, taithneamh aon tsúil í: gluaiseann sí agus a céim go so-amhairc go gcuirfeadh aoibhneas ar dhuine: go líomhtha. Ní córach mírdhéirc do thabhairt do dhuine agus í do shéanadh ar dhuine eile atá 'n-a gábhadh chómh mór: ní rud comhthrom é: rud mícheart. Níor shaoileadar gur deineadh roinnt córach ar an méirdhéirc eatartha a's chuireadar go léir col 'n-a coinne: roinnt dréir mar budh cheart nó bhí ag teacht chúcha dréir mar bhí leagtha dhóibh.

coraidheacht: *b.3.* iomrascáil, imreas, casadh. Do thárla greas coraidheachta, trí leaga, idir Stiofán Ó Cathasaigh agus Dómhnall Ó Mathghamhna; do bhuaidh an Cathasach ar leagadh Dhómhnaill do trí huaire: babhta 'n-ar ghreamuigheadar a chéile ar chorp d'iarraidh a chéile do bhreith chun talmhan. Téidhimís ag coraidheacht d'fhéachaint céagainn a leagfas an duine eile: d'iarraidh buadha nirt a's treise d'fhagháil trí chur duine again dá threóir. Budh bheag an choraidheacht cainnte a bhí ag Hitlear a's ag Séambairléin lé chéile gur chuir Hitlear in iúil cad a bhí uaidh: beag cur agus cúiteamh: beag seo-sea-sin: argóint i dtaobh a n-éileamh ar a chéile. Coraidheacht na gile gréine an t-ainmhidhe ar an líon nuair chuaidh sé in achrann ann gur caitheadh na tráthanna ghá réidhteach: castaidheacha agus aimhréidheas. "Cad í an choraidheacht so ort?": cad iad na feádhanna nó geámaidhe atá fút?: ar an bhfuadar atá fút tá sé ar aigne agat rud éigin do dhéanamh i nganfhios nó ná fuil ceart.

coraidheacht: *b.3.* breis. Lá a bháis budh mhór an t-aos a bhí aige, bhí sé coraidheacht agus ceithre fhichid bliadhain: os cionn an cheanntrátha san, bliadhain nó dhó nó trí. Thug sé coraidheacht a's púnt ar na brógaibh sin: scillingidhe éigin os chionn púint. Ní déarfainn go raibh sé an meádhon oidhche nuair shroich sé, cóirmáireach ní raibh sé coraidheacht agus tréis meádhon oidhche.

coraidheacht: *b.3.* do chur agus do tharang líonta. An í líontaibh coraidheachta nó i líontaibh fionnraighe do tógadh an t-iasc?: líonta ag imtheacht le gaoith a's lé taoide ná fágtar ach seal (fada no gearra) fé bhrághaid beartha ar iasc; cor do tugtar ar gach seal nó tréimhse aca. Ní leómhtar aon choraidheacht ar an abhainn sin chun beartha ar bhradánaibh ach slat a's darudha: áis do bhaint as líon lé n-a chur san uisce agus an t-iasc do theanntughadh leis.

coraidheacht: *b.3.* corruighe, bíodhgadh, anamamhlacht, suathadh. Deineadh coraidheacht éigin ar an uaigh de dhruim oidhche mar bhí na barrfhóid scaipighthe soir siar ar maidin: deineadh cur isteach éigin uirthe: baineadh léi. An lóchrann san atá ar barrghal tuitim má deintear aon choraidheacht air, anuas leis: má theangbháltar leis: má baintear aon chorruighe as. Lé méid a shuain ní bhaineadh clog múscalta, ná béic, ná crothadh cuirp aon choraidheacht as: bogadh ar a shuan. Dá mbeinn ag gabháil den órd ar an gcarraig go gcuireadh Dia fios orm ní fhéadfainn coraidheacht ar bith do bhaint aiste: bogadh: í do chorruighe oiread agus ionga as a máithreachaibh. Leis an iomchar a bhíodh ag na seandaoinibh ar ól fíona dá mhéid a bhíodh caithte aca ní dheineadh sé aon choraidheacht ortha: ní bhogadh sé iad: ní chuireadh sé meisce ortha.

coraidheacht: *b.3.* urradhas, bannaidhe, daingneacht. Ní fhéadfadh sé a chuid fiach go léir d'íoc in aonfheacht, ach chuaidh sé fé choraidheacht go ndíolfadh sé síntiús áirighthe gach mí: chuir sé ceangal dleaghthach air féin. Níor saoghaluigheadh an té go bhfuil coraidheacht ar a bheatha aige: cinnteacht cad é an fhaid do mhairfidh sé. Coraidheacht mhaith do dhuine ag lorg airgid i mbannc talamh do bheith aige: urradhas: banna go bhfuil i ndán íoca lá an iarratais. Glacfad le t'ainm mar choraidheacht ar an iasacht airgid seo: ceangal dualgais a éirigheas as gheallamhaint a tugtar nó a meádhtar.

coraintín: *f.4.* aitreamh, seal; cosc coidrimh luinge etc. go mbeadh amhras aicíd nó galar tógálach innte. Chaitheas coraintín maith ag feitheamh leat gan tú do theacht orm: seal maith. Thug sé coraintín maith dá shaoghal gan pósadh: seal fada ná raibh sé ar a chumas pósadh toisc rud éigin do bheith ag teacht treasna air. Nuair bhíos ag dul 'on Oileán Úr do coingbhigheadh in Oileán an Choraintín me ar feadh coighcís toisc ná féadfainn scríobh ná léigheamh gur fhuascail gaol dom me. Deineadh áit choraintín don mbaile lé hórdughadh an dochtúra, nuair bhris an aicíd thógálach amach ann: níor leigeadh d'aonne lasmuigh conbharsáid do bheith aige lé neach san áit.

coranta: *a. n-dh.* láidir, ródha. Chuir sé roimis go coranta an bád do rámhaidheacht: go fearamhail, láidir. Nách coranta do sheasaimh Hitlear ag tagairt a chirt: go ródha: go neamheaglach, teann. Ní hiongadh an saoghal fada a bhí aige, duine coranta dob eadh é: mórchnámhach, láidir, sláinteamhail. Is maith coranta atá lúth a ghéag aige fós: éascaidh, ceólmhar. Chuir a ghéaga coranta in iúil go raibh neart ionta: deaghchúmtha, cumasach. B'é imirtheóir budh choranta díobh é, níor suadhadh ná níor thásdáladh neach eile mar é: budh chródha, dob fhearr ar ionnsaighe agus ar chosaint. Oscar, fear coranta na Féinne: an fear budh threise a's budh mhisneamhla.

corantacht: *b.3.* neart agus achmhaoin, treise, ródhacht. Budh bheag ar a chorantacht súd triúr do leagadh (maireachtaint gan biadh ar feadh dhá lae, etc.): níor bh'aon nath ge n-a neart é: ní mór gur bhraith sé é, "b'áidhbhéil an ghaisce dho gabháil tríd an oiread anróidh" – "cá ngeóbhadh a chorantacht?": ar amharc ar a dhéanamh deallramhtach b'fhuraist aithint go raibh cumas a's fulang ann. Níor bh'é a chlisteacht ar iomarascáil a bhuaidh do ach a chorantacht: a neart, a fhulang agus a thoirt.

corc: *f.1.* an choirt a bhíos lasmuigh ar chroiceann crainn; blúire dhi gearrtha chun dalláin do dhéanamh lé haghaidh béal buidéil nó aon oscailte eile mar é. Is breágh an

snámhaidhe (snámhadóir) é, snámhann sé ar nós an chuirc: chómh héadtrom le coirc ar uachtar uisce. Ritheadh seama an domhain bhraonaigh a bhí ag maoidheamh 'sag áiteamh gur threasnuigh duine éigin air ná féadfadh sé d'fhreagairt; chuir san corc ann: d'éist sé.

corca: *b.4.* geannc bheag thalmhan portaigh nó mianaigh móna i gcómhrac abhann a's mara ar dhéanamh oileáinín. Corcaidhe Thrágha Bige, oileáiníní bheaga mhóna atá i gcuainín Thrágha Bige lastoir den nDaingean; taidhbhsighid ar lánmhara mar cuirc mhóra a bheadh ar snámh.

corcaim: *b.a.* barrdhóghaim; dearguighim. Corc(uigh) go maith leis an dteine thu féin: téidhidh thú féin ó thalamh. Tá an cat corcuighthe: barrdhóighte.

corcán: *f.1.* pota; árus cuasach, de ghnáth déanta de chré nó d'iarann in áis uisce, nó leanna eile, feóla, prátaidhe etc. do bheirbhiughadh. "Cad thugais ar an gculaith athchaithte sin?" – "fuaireas ar mhargadh an tseanchorcáin í: anshaor ar fad, ar fad. Ar nós trí cosa corcáin: aon trí rudaidhe an fhaid chéadna ó chéile.

córda: *f.4.* sreang go mbíonn áirighthe chor 'n-a dhéanamh mar daradha. Ar na feádhannaibh (olca) atá fén bhfear san is é an córda do gheóbhaidh sé: an seolán (seolán an chrochaire): crochadh a chrích. Ná tabhair iontaibh t'anama leis, mar is é crochaire an chórda é: duine nár nath leis tú do dhearbhughadh chun do chrochta dá bhfaigheadh cao ort. Córda reagha: bríste córda reagha: bríste de chadás fighte mar bheadh córda 'n-a mbíonn an dlúth agus an t-inneach ag teacht treasna ar a chéile i ngach tríomhadh, ceathramhadh, cúigeamhadh nó séamhadh snáth. Seo éadach atá ag imtheacht as nós go mór anois. Congaibh an córda ar an spaga: ná bí caithteach. Ná bíodh aon eagla ort ná go bhfuil bean aige a choimeádfaidh an córda leis: ná leigfidh do a chuid do chaitheamh ach mar is lugha is gann. Cuir an córda leis an bhfalla san: cuir an inghir leis d'fhonn é do bheith díreach.

cor-lúb: *b.2.* lúb go mbíonn cleas ar a cur agus ar a scur: cleasaidheacht cham. Níl cor-lúb id photógaibh nách eól dom: na bóithre cama, neamhionraice atá istigh ionat. A bhuachaillín, pé cor-lúb atá agat ar an éill seo ní fhéadfadh mo dhícheall í do scaoileadh: snaidhmeadh deachair-réidhteach. Budh chliste é fear cleas na hincile ar na ráiseannaibh fadó, chuirfeadh a chor-lúba amugha na céadta: lúba a mheallfadh thu. Choidhche ní réidhteóchaidh sé é féin as chor-lúbaibh na dlighe, tá an iomad dearbhughadh 'n-a choinnibh: achrannacht.

corn: *f.1.* árus cruinn chun ólta as. Ag diúgadh na gcorn: ag ól tar cuimse.

cornasc: *f.1.* ceangal nó cuibhreach do cuirtear ar ainmhidhe (adharcach) ón gceann go cois tosaigh; ceangal cruaidh neamhshoscaoilte. Ní choimeádfadh urchall (ceangal treasna ar an dá chois tosaigh) ná cornasc socair é: ainmhidhe nó duine gur deacair leis a shuaimhneas do cheapadh, nó fanacht ar an áthas a bhíos aige. Cuir nasc agus cornasc ar t'ancaire ar eagla a scaoilte: ceangail ó thalamh é.

cornchlár: *f.1.* clár go mbíonn siolpaidhe air chun áruistidhe do chongbháil.

coróin: *b.5.* (*-nach*) cómhartha suaithinseach do chaithtear ar an gceann ag righ, ímpire nó árdriaghaltóir eile; righe, flaitheas; bonn bánairgid chúig scillinge. Ná bac san b'fhéidir go dtiocfadh rí éigin i gcoróin fós: go dtiocfadh atharrughadh mór ar feabhas fós. Sin é díreach do chuir an choróin air: an bheart san do chríochnuigh é: do chuir deireadh leis, nó a chuir barr feabhasa air.

corónta: *r.th.* fé choróin, dhearbh, go dearbhtha. B'fhada corónta Máire Ní Choileáin (bainríoghain Bhicteóiria) sara bhfuair sí bás: an choróin uirthe. Is corónta (corúnta) an aithris do dheinir ar an slighe labhrann sé: cruinn: beacht: iomlán: dearbhtha. Mhuise, an t-aindeiseóir bocht budh chorónta an t-amadán é a's a chuid go léir do thabhairt ar an dtigh sin: amadán amach agus amach. Níl aonne den gclainn mhac is corónta atá ag dul lé n-athair ná é: is deallramhtaighe leis i ndéanamh 'si meón é ná aonne eile aca. "Nách corónta an ceann aca é": nách é an bleaigeárd críochnuighthe é! meisceóir, bitheamhnach nó aon tsaghas duine go mbeadh tréith domholta ann. Deirtear, leis, mar seo é: "nách mór atá sé ag dul lé Muinntir Dhonnchadha" – "nách fíor dhuit sin. Nách corónta an ceann aca é": nách é go bhfuil a dtréithe sin ann. "An Hitlearach tusa?" – "seadh, a mhic ó, ceann corónta aca": go dearbhtha. "An bhfuil tigh agat?" – "tá, féach é" – "ar mh'anam go bhfuil go corónta": níl aon amhras air ná go bhfuil sé agat gan cháim.

corp: *f.1.* bunachar damhnach an ainmhidhe nách ionann a's (conntrálta leis) bunadhas na beatha nó na spiride; an creat, an chuid thábhachtach nó an chuid láir den ainmhidhe i gcómhnáird leis an gceann agus na géaga; compar gan cheann; an lár d'aon rud; neart, cómhacht. 'Mo chorp reicighthe don ndiabhal' (eascainghe) má thagair i ngiorracht dom go sádhfad thu!: dá mb'é an diabhal féin a thiocfadh a's árdóchadh leis me idir fuil agus feóil! etc. Thuit sé i gcorp na teine; leagadh ar chorp an bhóthair é; bádhadh i gcorp na farraige é. Níor leath ruda liom é dá mbeadh an doircheadas ann é do dhul le haill ach i gcorp an lae: i lár. Lé coighcíos tá corp na síne againn, b'fhéidir feabhas do dhul air: an chuid budh mhó a's budh mheasa dhi. Léim sé im chorp gan oiread a's focal mairge do chur air: d'ionnsuigh sé go fíochmhar é. Thánag ar an gcorp aige a's é ag sluid: thánag air gan choinne aige: rugas go cruinn sa bhfoghail air. A thúisce a's fuair sé an sreangscéal ag glaodhach air d'imthigh sé corp ar aghaidh: lom díreach: gan mhoill: gan faillighe. Dhein sé corp ar aghaidh orm: tháinig sé cruinn díreach orm. Ní raibh cleas 'n-a chorp nár thásdáil sé d'iarraidh an bhaile do shroichstint i ganfhios don bhforaire: ní raibh cuimhneamh 'n-a cheann etc. Toirbheirim me féin duit féin, a Dhia, idir chorp agus anam: idir fhuil, fheóil, anáil a's spirid. "Bréag atá agat" – "ar mo chorp gurb í an fhírinne í": móidighim duit. "Connus tá an tsláinte agat?" – "gach aon léim as mo chorp agam": teasbach orm le sláinte. Ar rádh leis ná raibh aon mhaith ann, d'éirigh sé as a chorp (chugham etc.): tháinig buile a's aonach air. Lé corp alfraitsidheachta seadh bhí sé ghod mholadh, mar tá a mhalairt laistigh aige: lé barr cladhaireachta. Do chorp! ná héisteóchadh a's gan bheith ag tromaidheacht ar aonne (cainnt anláidir í seo): droichíde ort: náire chughat. Dhein sé a raibh 'n-a chorp: dhein sé a chroidhe díchill: a raibh ann ar fad. D'ídigh sé é féin lé corp bróin: iomad bróin. Cuireann sé corp áthais orm tú bheith go maith: mórchuid áthais. Ar chorp na sráide déarfainn leat é, gan scáth ná faitchíos: os chómhair an uile dhuine. An corp atá aige!: an toirt, an scrothaidheacht atá ann. Leagadh é lé corp na meisce: mórmhéid meisce. Corp dighe: iomad dighe.

corpalach: *f.1.* an creat ar fad gan an ceann; an creatalach; duine, ainmhidhe nó rúd aindeis, tuathalach. Nách áidhbhéil an corpalach a bhíos ag míol mór: toirt a's meádhachtaint tar cuimse 'n-a chreatalach. Ní mór go bhfuil ann siubhal anois, tá corpalach déanta dhe lé feóil a's séideadh: tá a chreat ar chuma gur dhóigh leat go bhfuil borradh ann. Thagadh an cadás aníos ar an luing raiceálta 'n-a chorpalaibh móra: camharnaidhe toirteamhla budh dheacair d'iondrabháil. Seachain ón gcómhrainn sin, a chorpalaigh, a's ná tuit fúithe: duine mór, aindeis.

corpán: *f.1.* an creat a's an t-anam imthighthe as, duine beag dearóil, neamhanamamhail. Fuairtheas dachad corpán báidhte ar an dtráigh tréis na hoidhche: dachad creat duine marbh. Féachaidh ar an tslighe andeis do chuireann sé chun a ghnótha, an corpán: duine gan tapadh. Caith dhíot na bróga cumhanga san nó déanfaid corpán díot: aindiseóir: duine aimlidhthe.

corpanta: *a.* téagartha, mórchorpach, ag baint leis an gcorp. Fear corpanta go raibh aoirde, leathad agus meádhachtaint dá réir ann: toirteamhail. Creid me nó ná creid me, chonnac lém shúilibh corpanta indiu: súile mo chreata: na súile do thug Dia dhom. Tugadh íde chorpanta ar aonne a fuair chúig bhliadhna braighdeanais (príosúin) ar bheagchúis: pian cuirp.

corpardha: *a.* ag baint leis an gcorp duthain; toirteamhail. Ní féidir leis an súil chorpardha neamh d'fheicsint: súil an duine. Tháinig tinneas im uile-bhall chorpardha: i ngach ball díom go mbraithfinn é. Éinín neamh-chorpardha seadh an dreóilín: gan mórán toirte.

corpfhiacha: *f.* (*iol.*) fiacha pearsanta; na fiacha do chuireann duine féin air féin. Níor dhíol sé cíos ná íoc riamh ná a chorpfhiacha go gcuirtí iachall air: fear coingheibhtheach do b'eadh é má b'eadh aonne riamh.

corplár: *f.1.* an ceartlár; an lár fírinneach. Labhrais corplár na fírinne leis: an fhírinne amach a's amach. I gcorplár an bhóthair síneadh 'n-a chorpán é: an áit den mbóthar a bhí cómhfhaid ó n-a cheasaibh. "Is olc an tsín í seo le mí anois" – "in a corplár atáimíd": tá mórchuid drochaimsire rómhainn amach fós. Buaileadh an long 'n-a corplár: leathslighe idir a tosach agus a deireadh.

corr-: (**corra-**) *i gcómhfhocalaibh* neamhghnáth, neamhionann, fánach, cruinn. Corrfhocal cainnte atá ag an leanbh fós, mar ná fuil an t-aos tagtha dho: focal annso agus annsúd. Corrdhuine go mbeadh oiread misnigh aige a's go raghadh i dtreis capaill i bhfiadhain: duine fuar, fánach. Corruair a thagann sé ar ár dtuairisc, ní fheacamair againn é trí huaire lé bliadhain: uair anfhánach ar fad. Cá raibh rud budh chuirre ná an long a bhí fé n-a fuirinn reóidhte fén leac oidhir ag an mol theas d'éirghe amach as a hionad: b'iontaisighe: a lithéid ná tárlóchadh choidhche airís b'fhéidir. Chonnac an girrfhiadh 'n-a shuidhe ar a chorr(a)ghiob: 'n-a shuidhe ar a chosaibh deiridh ó n-a spearachaibh go dtí n-a lapaidhibh a's ar a thóin.

corr: *a.* neamhionann, cruinn, dronnach, gruadhtha, neamhghnáth; ait, coimhtheach. Aimsir chómh corr (corra) agus tháinig riamh seadh í, gan lá tirim le mí: aisteach, ait, neamhghnáth. Nath ar bith ná cuir ann mura labhrann sé leat, duine corr seadh é: duine ná fuil ar nós na coitchiantachta: go bhfuil tréithe aite ag baint leis. Ní fios duit cé hé gur cheart duit do rún do thabhairt do an aimsir chorr so: aimsir chonntrálta: aimsir nách muinghin do dhuine scéal rúin do leigeant le neach. B'fhuraist aithint ar an dtráthnóna indé agus a raibh de mhíolaibh corra ann – d'íosfaidís id bheathaidh thú – go raibh báisteach air: feichide beag sciathánach, clipeach. Chuaidh mo spéaclaidhe amugha orm gan iad do bhreith in aon áit as san, cuarduigheadh fiche uair an áit chéadna dhóibh; nár chorr(a) an rud go rabhadar fé n-ár gcuardach: diamhair, dothuigse. Suidh 'n-ár gcuibhreann a's ná bí corr leis an gcuid eile againn: ná bí gan bheith mar sinn-ne. Árus corr seadh an corcán: árus go bhfuil cuasacht ón dtaobh istigh ann. Cuireann sé a chuid éadaigh saoire uime lá den tseachtmhain, agus éadach saoire lá seachtmhaine; ní fhéadfadh sé gan bheith corr leis an gcoitchiantacht: gan bheith mar an ghnáthdhuine. Níor bh'fhuraiste teacht i dtalamh, mar bhí an ghaoth corr: ag gluaiseacht ón dtír amach fén bhfarraige.

corr: *f.1.* cródh, loc, áit choimeádta, tigh beag nó bothán; stáitse nó fléige 'n-a mbeadh rudaidhe ar teasbánadh ann lé díol. Corr capall: stábla: eachlann. Corr muc: cródh muc. Claidhe árd cruinn ann fadó mar a raibh corr chun caorach do choimeád istoidhche. Sheasuigheadh an t-Iodálach i rith an lae in aice a chuirr mar a mbíodh toradh lé díol aige: stáitse ar lic na sráide go mbíodh siolpaidhe air don toradh. Bíonn dhá chorra i srathair (fhada) ar dhéanamh ^, ceann chun deiridh agus ceann chun tosaigh do choimeád dhá thaobh cláir in ionad laistigh díobh, go mbíonn na mataidhe tuighe fhighte. Lonnuigheann mo chuid caorach ar an gcorra: cnoc maol cruinn ar thaobh cnuic is mó ná é. Corra Ghráig: ainm baile.

corra: *f.4.* geárrcach an ghainéid. Ar an Sceilg do thugann na gainéid a gcorraidhe amach: a n-óga. Corriasc (criasc, "r" leathan): éan fadchosach, fadghobach, caol, a ghnáthuigheas aibhnte, curraidhthe a's trághanna ar thóraidheacht breac a's eascún: "Sighle na bportaidhthe", "Siobhán an Scrogaill".

corra-bhog: [**corrabhog**] *a.* maol, laimhthighiseach, gan bheith cruaidh ná sprionnlaithe fé n-a chuid. Dá mbeinn gan bheith chómh corrabhog leis an gcuallacht nuair mácháileadh me 'n-a n-adhmanas, a's iad do bhreith chun na dlighe bheadh rud éigin dá bharr agam: gan bheith chómh cúthaileach ag pléidhe mo chirt. Riamh ar mhargadh nó ar shráid fuaireas 'n-a fhear corrabhog é: soranna: bog fé n-a chuid: fearamhail: speachamhail. Go corrabhog do tháinig a chuid airgid air, is beag dá chuid alluis do chur sé chun a fhaghála: gan puinn dá dhuadh.

corrabhuais: *b.2.* míoshuaimhneas, danaid, mairg, suathadh aigne. Ná bac liomsa, ná lém ghnóth, ná cuirim aon chorrabhuais ort: ná bí im chúram: ná faigh mo dhuadh: bí bog orm: ná bí i mbun aon nidh dhom: ná cuir as duit féin mar gheall ormsa. Corrabhuais bheag leis siúd ná fuil suim in airgead bán ná in ór bhuidhe aige púnt nó dhó do chaitheamh: rud ná cuireann a luighead mairge air. Nár dhein bás a mhná aon chorrabhuais do, tá sé chómh gealgháirteach a's dá mbeadh sí beo: mairg, suathadh

incheann. Chuir a chuid cainnte gan meónaidheacht corrabhuais orm: chorruigh sí me: níor thaithnigh sí liom. Daoine neamhchradhscalach dob eadh iad ná cuireadh díth ná iomard corrabhuais lae nó oidhche ortha. Budh shubháilceach an fear me as m'óige gan corrabhuais sa tsaoghal orm: gan aon rud a chuirfeadh as dom. Corrabhuais dhom dob eadh mo chuid airgid do chailleamhaint: dochar a's buadhairt aigne. Múchaimís ár gcorrabhuaisidhe i ndiúgadh na gcuach: ólaimís go scaipidh an deoch an ceódh dár gcroidhthibh. Cad fáth an chuma spuaiceach, ghruamdha? cad í do chorrabhuais?: buadhairt.

corrabhuaiseach: *a.* suaidhte, corruightheach, mearbhallach, trí chéile. Mara mbeadh an saghas síothchána do dhein Hitlear agus Séambairléin bheadh scéal níos corrabhuaisighe, mar bheadh sé 'n-a chogadh chroidhearg i lár na hEórapa: níos suaidhte, níos buadhartha. Budh dheallramhtach go raibh rud éigin corrabhuaiseach ag imirt air mar nách mór an chainnt do thug sé dhom d'fhear chómh soinneanda leis: rud a bhí ag déanamh mearbhaill do, a bhain a ghreann de.

corrach: *a.* neamhshocair, corrathónach, neamhdhaingean, neamhionann. Féach, na rudaidhe beaga (leanbhaidhe) ag súgradh ar an maide corrach: maide nó clár curtha treasna tímcheall a láir ar thaca agus duine ar gach ceann di síos suas san aer. Chuaidh an bhreóidhteacht sa cheann aige agus ó shoin bíonn sé anchorrach, ní deacair in ao'chor an inchinn do chorruighe aige: suaidhte: neamhshocair. Cuireadh deireadh róchaol, ró-árd ar an nadhbhóig sin agus beidh sí corrach dá chionn: corrathónach: guagach: fuaidreach: ní luighfidh sí go réidh ar an uisce. Mara stadair de bheith corrach ar an seanchathaoir sin brisfir í: guairneánach: ag corruighe sall 'sanall a's siar a's aniar. Ní fuláir liom nó tá rud éigin ar maoith agat, taidhbhsighir anchorrach dhom ó mhaidean, gan suidhe ná sos: imnidheach; ag imtheacht thall a's abhfus gan cómhnaidhe in áit ar bith. Codladh corrach do dhein sé airéir, ní raibh sé ar fóghnamh: néalacha briste. Níor mhaith liom bheith ag brath aon lá riamh air. Duine corrach dob eadh é: duine ná féadfá bheith deimhnightheach de: duine ná féadfá iontaoibh do chur leis ná muinghin do chur ann. Chómh dearbhtha a's tá biana ar mhaide bacaigh tuitfidh an lampa san, mar tá sé corrach ar an bhfalla: neamhshocair: sochorruighthe, neamhdhaingean. Ars an dochtúir, "tá cuisle an othair anchorrach": ag bualadh neamhionann.

corr(a)chab: *f.1.* sleamhach ar chorr(a)chab. Dá bhfeictheá an corr(a)chab do chuir san air féin ag leigeant air go raibh sé ag éisteacht go cruinn liom: mar shín sé amach a smeigín. Corr(a)chab chun an tsaoghail air: scuimh: clódh aiste a chuirfeadh san i gcuimhne dho dhuine.

corracham: *a.* ancham, go gcastaidheachaibh geairrid dá chéile; lúbach; mealltach. Tárluigheann mórán tionóiscidhe ar an mbóthar úd, tá sé conntabharthach toisc é do bheith corracham: mórán cor grod ann. Is deacair a rádh ceaca den mbeirt aca is corrachaime, táid toghtha go maith i gcoinnibh a chéile: lúbach, cleasach. An té go mbuaidhtear sa dlighe air, dar leis í do bheith corracham: éagcórach: leithreachais: taobhach. Táim corracham ó bheith ag iomchar ualaighe troma: tá cromadh ionam.

corracht: *b.3.* neamhshocaracht. Baile dochraideach le hoibriughadh seadh é lé n-a chorracht, níl ann ach árdáin a's ísleáin: neamhréidh: neamhchomhthromamhail. Tá an long síontheanntuighthe i gCuan Fhinn Trágha le corracht na haimsire: neamhshocracht: olcas. Bheadh eagla orm cur chun farraige age corracht na gaoithe: díombuaine: neamhsheasamhacht. D'aithnigheas ar chorracht a choiscéime go raibh braon sa mbreis caithte aige: ar an slighe neamhionann do shiubhal sé.

corraghlic: *a.* cluaineach, fealltach; meangshlightheach. Gheall sé na huirc a's na hairc dom lé linn a chruadhtain ach a fhuascailt, dheineas. Ar mbeith domsa i ndraip agus ar a chumas san me d'fhóirthint bhí sé cómh corraghlic sin gur ghlac sé bog me: ag imirt a ghaoise orm chun mo mheallta. Ghá mholadh 'sag taobhughadh leis do bhí sé go corraghlic chun dighe d'fhagháil uaidh, a's ní le cion air ná dréir a aigne: le cleasaidheacht cham. Go corraghlic "is fada ón mbruiclis do chreachas an mada ruadh": d'fhonn ná beadh tóir air tímcheall a ghnáthóige. Ní amadán é sin ach amadán corraghlic: duine a leigeas air, chun a bhaile féin, bheith saonta, neamhchruinn.

corraghuailneach: *a.* go nguailnibh cromtha; fiar i slineánaibh. Ní ón aos atá sé mar sin, bhí sé corraghuailneach riamh: cromtha ó n-a ghuailnibh go ceann.

corraghuala: *b.5.* guala íseal breis ar a chéile. Tuiteam de bhuaic an tighe a's gortughadh mór d'fhág an corraghuala so orm: maolghuala. A dheara, mhuise tá neart 'n-a chorraghuailnibh siúd: guailne leagacha; a bhíos corr.

corraiceach: *a.* fuighleach (tréis ranna): breise. Tréis ranna an éisc d'fhan breac corraiceach a's cuireadh ar chrannaibh cé leis go dtuiteadh sé: ceann a bhí fágtha tréis a chirt do thabhairt go comhthrom don bhfuirinn. Ar bh'iongadh gur buadhadh orainn bhí fear corraiceach ag an mbuidhin 'n-ár gcoinnibh: fear sa mbreis, c.g. sé dhuine dhéag againn a's seacht nduine dhéag aca san. Caithfidh duine éigin do bheith corraiceach ar an mbórd so, níl áraistidhe ach do cheathrar agus tá cúigear againn ann: de cheal céile. Cad é an mhaitheas bróg chorraiceach: bróg ná beadh a céile ag dul léi. D'fhan sé riamh corraiceach sa tigh: gan pósadh. B'fhéidir go bhfaghthá rud éigin a dhéanfadh comórtas don gcasóig sin i bhfuirm triubhais i dtigh an Ghiúdaigh, tá an áit lán de rudaidhibh corraiceacha aige: rudaidhe as barr, as líon, nó as chúntas áirighthe. Cad dob áil leat ag cainnt; tá fiche bliadhain ó shoin agus laetheanta corraiceacha leis: laetheanta breise: gan bheith i dtaoibh le. Caith deoch im fhochair, tá leathchoróin chorraiceach annso agam: leathchoróin a fhan tréis caithte na coda eile a's gan puinn gnótha dhi. Ná cuir aon nath i nglór an duine sin, rud corraiceach (tarcuisne í seo) seadh é: duine gan áird air.

corráiste: *b.4.* dánaidheacht thar aois nó eólas, nó aitheantas, clódhchas; deiliumhas nách mór. Leanbh go bhfuil corráiste an domhain aige a labharfadh chómh tighearnamhail lé fear fásta, budh chóir smacht do chur air: ná tugann a aois ughdarás do labhairt mar néann. Budh mhór an chorráiste dho cur chun mo ghluaisteáin do thiomáint gan mo chead: an dánaidheacht: deiliumhas: muighin gan ughdarás nó deallramhtacht cumais gnímh. Dligheadóir lán de chorráiste seadh é, i gcúirt ní bhíonn a theanga balbh lé breitheamh ná eile: raghadh sé i dtreis aon nidh do rádh gan bac lé riaghalachaibh ná lé

béasaibh na cúirte. Duine gan chorráiste is furaiste leithreachas do dhéanamh air: duine rómhall chun a chirt do chur in iúil a's do thagairt, ní deacair leathtrom do dhéanamh air.

corráisteamhail: *a.* dána tar cheart, aois, aitheantas nó eólas; clódhchaiseach. Is corráisteamhail an gnóth dhuit bualadh isteach im thigh agus mo chraolacháin do chur ar siubhal: dána gan buannacht. Bír róchorráisteamhail, dálta an scéil, ar aon chómhluadar is ní haon díobháil stad do chur leat: déinir ceann díot féin: déinir cainnt nó beart gan ughdarás tar toil aonne láithreach. Eolas nó gan eólas tá sí chómh corráisteamhail a's go gcuirfeadh sí roimpe duine do leigheas mar chuirfeadh dochtúir: chómh tighearnamhail, dána buannamhail.

corráisteamhaltacht: *b.3.* do bheith dána, deiliumhasacht, dánaidheacht tar cuimse. Cuir uaim do chuid corráisteamhaltachta sa tigh seo níl cádhas ná buannacht agat seachas aonne eile gur dhóigh leat gur cheart duit tosach freastail d'fhagháil: do ghlacadh air féin nidhthe do dhéanamh ná raibh sé i dteideal. Lé n-a cuid corráisteamhaltachta d'fhág sé a ionad sa tsraith dhaoine a bhí ag feitheamh lé n-a dtuicéadaidhibh agus chuaidh suas ar tosach chun fuinneóige na hoifige: deiliumhas: do dhéanamh ruda gan buannacht aige air lé méid a mheasa as féin: tighearnamhlacht.

corrán: *f.1.* úirlis chrom buanaidhe chun arbhair nó a lithéid do bhaint; an giall siar ón smeigín mar a bhfuil an cor ann. Corrán gealaighe: an ré aon am ó n-a teacht go giorracht a leathláin nó ó n-a lán go dtí n-a caitheamh. Budh cheart don oidhche gan bheith ródhorcha, tá corrán beag gealaighe ann: an ré 'n-a fás nó 'n-a caitheamh. Tabhair aire dod chorrán orm!: seachain! ar eagla do bhuailte agam. "Is doilg corrán i láimh drochbhuanaidhe": an té ná bíonn taithighe aige ar úirlisidhibh oibre bíonn sé gá síorlochtughadh. Beir chugham ar chorrán é!: beir chugham é agus greim daingean, docht agat air chun ná h-éalóchaidh sé uait.

corránach: *f.1.* aosánach. D'fhág a fear í féin agus a triúr corránach (leanbh) gan Mhurcadh gan Mhaoghnas: triúr gan coindhealbhacht (caoinlíocht); gan mórán maitheasa toisc a n-óige. Corránach garsúin (gearrchaile): garsún nó gearrchaile anóg. Is cuimhin liom go maith an bhliadhain do dóghadh an tigh bhíos im chorránach ag éirghe suas: in aois mo chuimhnte do bheith agam. Cad bhéarfadh ná beadh sé in aois a phósta nách é an corránach agam é (seanbhlas): an buachaillín ró-óg.

corránach: *a.* biorach, colgach, eagach, fiacalta; mórghiallach. Tá an ceann thuaidh d'Inis Tuaisceart corránach: biorach: spíceach: géarcharraigeach. A thiarcais! nách corránach (fadchorránach) an fear é: duine go mbeadh méid mhór 'n-a ghiall ó n-a chluais go dtí n'a smeigín.

corraruaiseach: *a.* luaithinntineach, neamhshocair, aistrightheach. Ná leig as t'amharc an garsún san, mar nách fios cá dtabharfadh a aghaidh, tá sé chómh corraruaiseach san: seachránach, siubhalach, neamhshocair. Trí huaire do bhí sí geallta lé pósadh a's níor dhein; nár chorraruaiseach an aigne aice é: luath ar atharrughadh: neamhsheasamhach: "níor luaithe ar an ngaoith Mhárta ná uirthe": guagach, mearinntineach. Bíonn sé ag baile

ambliadhna a's tar lear an aithbhliadhain, fear corraruaiseach seadh é: seachránach, taisdealach.

corrashúil: *b.* (*-shúl*) (*iol.* corrashúilidhe) grodfhéachaint. Níor thúisce thug an dochtúir corrashúil air ná mar aithnigh sé cómharthaidhe na breoidhteachta a bhí air: amharc obann: féachaint ghrod. Corrashúilidhe aige dhá thabhairt orm a chuir in iúil dom nar bh'aon dóichín dom bheith 'in-a chuideachtain: stracshúilidhe i ngan fhios gur bh'fhuraist aithint mo dhíth do bheith 'n-a aigne.

corrathónach: (**corathónach**) *a.* guairneach, aistrightheach, fuaidreach. Tugaidh aire dhíbh féin sa bhád ar eagla a hiompuighthe, róchorrathónach di: neamhshocair, guagach de dheascaibh a déanta: baoth. Deallramhuigheann sé ná fanfaidh an ghaoth 'n-a cóir againn, tá sí corrathónach go maith, sin í ag séideadh as áird eile anois í: neamhstuidéartha. Brathaim corrathónach i rith na hoidhche pé nidh atá ag cur orm, gan chodladh gan suaimhneas: gan socracht cuirp ná aigne. Cuir mairtéal a's spalaidhe fén gcloich sin nó beidh sí corrathónach sa bhfalla: sochorruighthe, guagach.

corrghail: *b.3.* ciapadh, clipeadh, crádh, corruighe. Cad é an chorrghail atá ort ná fanfadh socair: atharrughadh ionaid. Is beag ná cuireann bás an pheacaigh corrghail ar aigne a dhuine féin: buadhairt: suathadh. A luighead corrghala do gheóbhadh an ghloine chnagtha san brisfí í: suathadh: teangbháil bheag a chorróchadh í. Ar thugais fé ndeara an chorrghail san uisce? breac a iomloisc é féin, déarfainn: gluaiseacht: suathadh beag: gan fanacht socair. Cé chodlóchadh leatsa a thugas an oidhche ag corrghail?: ag suaineáil: ag corruighe sall 'sanall. Do ráinig corrghail mhaith ar stoc an t-aonach céadna: breis thógála agus cheannaidheachta. Anlag ar fad atá sí, níl ach a rádh go bhfuil a cuisle ag corrghail: ag bualadh go mall, éadtrom. "Ar dheineabhair deabhadh mór 'on Daingean?" – "ach a rádh go rabhamair ag corrghail": ag gluaiseacht go fíormhall. Bíonn corrghail an domhain in Áth Cliath gach lá cinnchomórtais peile a's iománaidheachta craoibhe na hÉireann; sluaighthe as gach áird, gleódh a's dul trí chéile: beódhacht: anam: bíonn girréis ar dhaoinibh ná bíonn de ghnáth. Ar a fheicsint goirtighthe dhom tháinig corrghail orm gur shileas deóir: suathadh, maoithneachas.

corr glas: éan fadghobach, fadmhuineálach, fadchosach, fadsciathánach a ghnáthuigheas riasca, aibhnte, locha agus trághanna, agus a mhaireas ar iasc, silimididhe, piastaidhe, etc.

corrughadh: *f.* (*-uighthe*) do ghluaiseacht nó do chur as a ionad bunaidh; líonrith; fearg. Cé bhain corrughadh as an gclog so?: cé aistrigh a ionad nó a shuathaidh é? D'aithneófá ar an gcorrughadh tairng (tarraic) a bhí sa bhfarraige nár bh'fhada ó dhroichshín sinn: luadhail: suathadh ar an uisce: breis gluaiseachta fén uisce. Bí ag corrughadh leat abhaile: ag gluaiseacht abhaile gan iomad deabhaidh. Ná fuil aon fhonn corruighthe codlata fós oraibh?: fonn bheith ag tiargabháil chun leapan a's codlata. Tháinig corrughadh ar an mbreóidhtigh air i lár na hoidhche: d'éirigh uirthe (ar olcas). An leagadh do baineadh as do dhein sé corrughadh ar an inchinn aige: an óspairt a fuair sé ghoill sí ar an inchinn aige. Ar bhfeicsint na híde do thug sé ar an bhfear eile lé sciain dhein sé corrughadh orm gur mheasas é do lámhach: fearg: fíoch.

corruighe: *f.* (*-uighthe*) corruighe, suathadh, líonrith. Tháinig corruighe sa bhfarraige nuair shéid an ghaoth: d'éirigh sí garbh. Chuir an driuch aindeis a bhí air tréis na ndubhchrónach corruighe ar mo chuid fola: suathadh: goilleamhaint: mhúscail sé mo mheanma lé gráin. "An bhfuil aon chorruighe ar an mballóig?" – "níl puinn mar níl fén oighean ach droichtheine": aon chuma bácála. Tháinig corruighe maith ar an aonach ag déanamh ar dheireadh an lae: chuaidh an tógáil agus an luach i bhfeabhas.

corruighim: *b.a.* gluaisim; deinim luadhail; bainim nó teangbhálaim le. Corruigh cos: luathuigh. Do chorruighis mo chuid fola nuair thugais tarcuisne don mharbh: ghoill an carbhall orm gur bhíodhg me. Ní féidir é do chur chun suaimhnis, tá sé róchorruighthe: tá goilleamhaint déanta ar a mheanmain. Corruigh nó beir déidheanach ón mbiadh: luathuigh. Corruigh!: fág an áit sin go tapaidh. Duine sochorruighthe seadh í, ná habhair faic a bhainfeadh as di: gur furaiste líonrith do chur uirthe. Dá mhéid adubharthas leis níor tháinig aon strán air, duine dochorruighthe seadh é: gur deacair a bhíodhgadh chun feirge: neamhchradhscalach. Bheidhfeá ag teannadh dighe leis ar feadh seachtmhaine gan aon rian meisce do theacht air. Chómh dochorruighthe lé carraig: fulang mór aige ar dheochaibh mearbhaill.

córta: *a.* (*-aisighe*) Budh chórta dho fanacht socair ná bheith ag bruighean, féach goirtighthe anois é: b'é an rud budh dhírighe a's b'ionraice.

córtas: *f.1.* cuibheas; cúirtéis; déanamh ceart; muinnteardhas. Dá bhfaigheadh sí córtas ceart ó n-a mac a's ó n-a mhnaoi is fada go bhfagfadh sí iad: déanamh mar budh dhual di. Córtas ó mhullach talamh dob eadh í, dathamhail, taithneamhach, gléasta go módhamhail: subháilceas don súil a's don mheón. Cad n-a thaobh ná heiteófí é, fear nár labhair lé córtas, ach go goirgeach, borb: síthbhialtacht: gnaoidheamhlacht: lé béas. Gach córtas dá bhfuaireas uatha, nílim fé n-a gcomaoin, chómharduigheas leo gach maitheas: thugas uaim mar fuaireas gach suim. Cuma an chórtais is é ná raibh ar an dtigh, coimhtheas ar bith ní dhearnas ortha dá chionn ach bualadh liom: cuma an mhuinnteardhais. B'é do chórtas tairsgin chómh maith leis do ghlacadh ná dul i dtreis bheith gan faic: b'é cómhairle do leasa é.

córtaiseach: *a.* (**córtasach**) ceart, cuibhe, ionraic, béasamhail. Budh chórtaisighe go mór dhuit beannughadh dos na daoinibh ná do cheann do bhualadh fút ar nós an phúca: b'é budh bhéasamhla. Nós neamhchórtaiseach atá aige teacht treasna ar aonne a osclas a bhéal: nós gránda, míbhéasamhail. Budh bhreágh an fear i mbun siopa é, córtaiseach leis gach aonne a bhuaileadh isteach chuige: lághach, tais, sochma, meastamhail, miochair, modhamhail: deárscnacht béas: gan faic 'n-a meón ná 'n-a iomchar a ghriogfadh duine. Is cuma cad é a locht, níor chórtaiseach duit í do tharcuisniughadh: níor chuibhe é: pé nidh dob áil lé duine dréir mánlachta agus oireamhnachta.

cortha: *r.a.* tuirsighthe, traochta, spíonta. Cortha, tnáidhte ó obair an lae, gan sos gan scíth: tuirsighthe: cnaoidhte. Cortha ag an gcodladh: gan bheith i ndán fanacht i ndúiseacht. Ná tafant aon fheóil orm, táim cortha aice: gan mo dhúil innte de chionn a n-ithim di. Táim cortha agat ach nílim cortha dhíot: tá mo dhúlsháith (dúlá) agam den dturus so, ach ní fhágann san ná gur mhian liom thu airís agus airís eile.

cos: *b.2.* an chuid den gcorp go seasuigheann an duine nó an t-ainmhidhe air, ball na luadhala (troigh é seo le ceart; *iol*. trathacha), ceann de dhá ghéig íochtaracha an duine, nó de ghéig ainmhidhe i dtacaidheacht an chuirp chun siubhail, reatha, léamtha, drapadóireachta, snámha, oibre etc.; an chuid is íochtaraighe d'aonnidh, talamh i rith amach 'on bhfarraige, geannc bheag phortaigh; an chuid chaol de phíp, plannda, bláth; bun; sámhthach úirlise; breis lé nó breis air. Sí coisín deas i mbróig í: cailín greanta, taithneamhach. An dóigh leat go mbeadh teine leathbhliadhna sa chois mhóra san?: geannc de phortach. "An bhfuil sé cheithre fichid?" – "tá agus cos asta": breis agus; corraidheacht agus. Bain an chos as an bpíp agus réidhtigh lé cleite í: an chuid chaol den bpíp a greamuightear sa bhéal. "Tabharfad leathchéad púnt duit ar an gcapall san" – "cuir cos as a's b'fhéidir go bhfaghfá é": aduigh a thuilleadh airgid ar an suim sin. Ná bí chómh baoth a's go gcreidfeá scéal áidhbhéiseach mar é sin; is iomdha béal a chuir cos leis: a bhreisigh é dá aithris. An dóigh leat ná go bhfuil cos ag teacht don oidhche: go bhfuil sí ag dul i bhfaid. Briseadh cos an úird ar bhualadh ar an gcarraig di: an t-adhmad chun greama a bhí sáidhte 'n-a chródh. Cómhnuigheann an duine seo ar an gCois: áit íseal i rith i bhfarraige. "Tabhair póg do chois an ghirrfhiaidh anois", deirtear nuair bhíonn rud imthighthe nár ghábhadh a leigeant ar bóiléagar nó lé neamhthuis a's gan aon dul ar é d'athghabháil. Ainmhidhe cosluath seadh an girrfhiadh, ní dóichín teacht suas leis: mear, tapaidh, éascaidh, mórreatha. An mbír costirim sa bhrógaibh sin?: gan bheith fliuch ná tais. Ní ag siubhal ná sodar b'fhéidir lé capall dul 'on Daingean in uair an chluig, ach ar cosanáirde: do ghluaiseacht chun cinn i léimeannaibh go dtagann na cosa deireadh ar an dtalamh sara bhfágann na cosa tosaigh é. An lá do theastóchad uait tiocfad chughat ar cosanáirde: go mear, tapaidh. Ní gábhadh leath an chosanáirde leis an obair seo: an iomad deabhaidh gan riachtanacht. Ná bac aonne go mbíonn an iomad cosanáirde fé: an iomad éirghe anáirde. Bhíodh na feirmeóiridhe cos ar bholg ag na tighearnaidhibh talmhan ortha lé daorchíseannaibh: claoidhte. Budh náireach an chos ar bholg do deineadh air ná fuair táille ar nós na coda eile ar son a ndeárna sé dá thír: éagcóir. An oidhreacht a thuit isteach air a chuir ar a chosaibh é, mara mbeadh í ní bheadh aige ach an dealbhais: a chuir bun air: a chuir os cionn a chumais é. Shleamhnuigheas ar an lic fhlich a's baineadh dem chosaibh me: treascaradh me. Cuireann sé áthas orm tú do bheith ar do chosaibh airís: éirighthe (tréis breóidhteachta etc.). Cad thárla dhuit go bhfuil do chos ar do ghualainn agat?: go bhfuilir chómh bacach san. Aonnidh do bheith ar chois nó ar láimh leis níor mhaith liom-sa san: mácháil ar bith do bheith air. Luigh cos ar a ndubhart leat: ná hoscail do bhéal le haonne. Ó bhí mo chos ar an mbóthar a's gan me i bhfad ón mbaile mór níor bh'fhearr rud ná dul an tslighe ar fad: ó bhíos ag taisdeal in ao'chor. Níor fhág an gála aon léas choirce ar chois: 'n-a sheasamh. Soir seachas siar ní raibh a fhios agam, dhein an doircheacht agus na splanncacha amadán ar mo chosaibh díom: amadán corónta: bhíos ar nós leibide gan chiall gan éifeacht. Bíonn cosa maithe ag capall ráis, coin, girrfhiadh: siubhal maith: rith iongtach. Sheasaimh an dochtúir ag cosaibh na leapan: an ceann di go mbíonn cosa an duine sínte ann. B'fholláin do go rabh cosa maithe aige a fhóir air le linn a ghanntair, neachtreacha bheadh thiar air: lucht cóganta. D'imthigh an chos is fearr do bhí aca an lá do cailleadh a n-athair: an teannta: an taca: an chabhair. B'éachtach an chos a bhí ag Hitlear i Musailíní ar seoseáisín Mhuinsin: cabhair: cóngamh: cúltaca. Sé tuairm gach aonne 'n-ár gceanntar-ne go dtoghfar é, tá cosa an domhain aige: cúlaistínidhe: lucht tacaidheachta. Drochchómhartha diabhalta ar an aimsir

seadh na cosa san ón ngréin: gathaidhe: léasa. Buaileadh le “halaboc” sa leathcheann me a thóg cosa os cionn me: leagadh ar mo dhrom me a’s mo chosa sa spéir. Chaith sé furmhór na seachtmhaine ag triall dá chois: gan marcaidheacht, gan slighe iomchair ach a chosa. De thriall a cos tháinig sí annso ag déanamh chómhbhróin liom nuair d’éag fear an tighe: ag siubhal go luath, mar bheadh gan tafant gan cóngnamh taisdil: lom díreach. Bain an ceangal ón ainmhidhe sin a’s tabhair cead a chos do: tabhair a luadar ar fad do. Fuair sé cead a chos ón bpríosún tréis chúig bhliadhan braighdeanais: tugadh a shaoirse dho: scaoileadh amach é. Tá a cheann ’sa chosa dhá leigeant rófhada leis an gcladhaire: tá an iomad dá thoil féin dhá thabhairt do: leigtear do pé nidh is áil leis do dhéanamh. Cead cinn a’s cos: lán shaoirse. B’fhada fé chois Éire: b’fhada dhi fé ansmacht. Ar an slighe labhrann sé budh dhóigh leat go gcuirfeadh sé cosa fé chearcaibh duit: go ndéanfadh sé na huirc a’s na hairc: ná raghadh faic de. Cuirtear cos fén bhfalla san, tá sé ag scéitheachtaint: taca: portfhalla: teannta. Cuir do chos fút agus gluais: éirigh: bí id sheasamh. Rud seadh an chinneamhaint ná cuireann a cos fúithe: ag tuiteam amach in áit éigin an uile lá. Stadaidh anois, tá duine agaibh fé chois: ar lár: leagtha. Nósa seadh bainistidhe póstaidheach atá caithte fé chois le fada: caithte as earrán: ní cleachtar feasda iad. Is fada ag dul fé chois me: ag dul chun deiridh. Is minicighe fé chosaibh na ndaoine é ná ar a chéill: tuitighthe lé meisce. Mar is gnáthach leis an nduine bocht é bheith fé chosaibh na ndaoine: gach aonne sa mhullach air: gan áird ag neach air. Tugadh cos sa tóin do nuair fuairtheas amach go mbíodh sé ag cúbláil an airgid: cuireadh an ruaig air mar gheall ar bheith ag coigilt airgid chuige féin nár leis. Tabhair cos don mhadra san: buail léd throigh (bróig) é. An de chois do tháinighis?: ag siubhal: de shiubhal do chos. “Nách gleóidhte mar rinnceann sí?” – “tá sé sa chois aice”: tá mianach an rinnce innte. Triúr againn sa leabaidh, beirt suas a’s mise chun cos: sa cheann íochtarach di. Is conntabharthaighe do dhuine dul i bhfarraige i leith a chos ná ar aon chuma eile: a chosa roim an gcuid eile dá chorp. Dá mbeadh cainnt ag an sciain (agus tú dhá lorg) labharfadh sí; sin ar aghaidh do chos í: buailte leat soiléir id radharc. D’imthigh an chloch óm chois: shleamhnuigh sí óm shatailt. D’imthigh an talamh óm chois (chosaibh) nuair báthadh os chómhair mo shúl amach é: scannruigheadh me chómh mór san ná feadar talamh fúm nó uaim. Bain as do (na) chosaibh é má tá fonn ort bheith in am: ná fág faic ionat maidir lé siubhal nó rith ná déanfair. “As do chois é!” cainnt mholta lé rinnceóir, imirtheóir na caide (peile), nó le haon ghníomh maith coise. Shuidheas cois teine agus cos ar ghlúin agam: mo chosa treasna ar a chéile. Bhíos im chois nuair tháinig sé suas liom a’s thug síob dom: ag siubhal. Sealgaire gan ghnaoi a lámhachfadh éan i gcois (gcuis): éan túirlingthe. Tair im chois, ní fhéadfainn m’eolas do dhéanamh im aonar: tair im fhochair. An bhfuil i gcois (fuaim “o” ag “c”) leat?: it chuideachtain. D’imthigh an girrfhiadh trím chosaibh: idir mó dhá chois. Chuir sé an claidheamh (scian, píce etc.) go cois ann: go dornchladh: go dtín láimh. Ná leig léd chois aonne ach tu féin: ná leig id chuideachtain. Bí cois liom: bí in aonfheacht liom. I gcoinne (gcoinnibh) mo chos do chuadhas ag goid: go mall, neamhthoilteanach. Tháinig an uain fharraige in imeall na gcos againn: i bhfíoraice na háite go rabhamair ’n-ár seasamh ann. Tháinig fanntais air a’s thuit sé in imeall a chos: ’n-a phleist, mar a raibh aige, gan céim ar aghaidh ná ar gcúl. In aghaidh mo chos do ghluaiseas: lé foirneart: gan aon fhonn orm cos do chorruighe. Gheallas go dtabharfainn dhá chéad púnt uaim, a’s choidhche ní raighead ’n-a chois: siar air: ní shéanfad mo gheallamhaint. Tháinig an t-otharcharbad ag triall air chun é do bhreith ’on ósbuidéal, ach chuir sé cos i dteannta a’s ní chorróchadh órdlach: sheasaimh go dian ’n-a

choinnibh. Tá cos i dteannta sa chúinne ag an seanduine a's ní gheóbhadh amach dos na báillidhibh: tá sé ag cur i gcoinnibh a aistrighthe a's ag congbháil a ghreama go dlúth, daingean. An raibh aonne 'n-a chosaibh nuair marbhuigheadh é: 'n-a thímcheall: 'n-a fhochair. Má bhíonn cos beó fúm tiocfad: tiocfad más féidir in ao'chor. Bog do chos leis an gceól: rinnc leis. Ní bhogfadh sé cos ná lámh leis mara bhfaghadh sé deich scillinge ist ló: ní dhéanfadh sé rian oibre. Tair nó ná tair a's ná bíodh cos thall a's cos abhfus agat: gan t'aigne bheith leagtha agat ar aon nidh deimhnightheach. D'aithnigheas air nách mó a fhonn a bhí air teacht, bhí cos istigh a's cos amuigh aige: bhí sé a's ní raibh sé lé teacht. "An méid airgid atá annso, níl do dhóthain ann" – "mara bhfuil, beidh – tá a thuilleadh lé n-a chois agam-sa im spaga": breis 'n-a fhochair. Ní im aonar do bhíos, bhí a thuilleadh lém chois ná hainmeóchad: daoine eile a bhí in aonfheacht leis. Suidh i mbun do chos agus leig do scíth: suidh mar a bhfuilir ar do shuaimhneas. Na Connchabharaigh atá ar an mbaile seo 'siad na cosa d'fhág an file 'n-a dhiaidh: an sliocht. Chaill sé a luadar, níl ann ach ag cur na coise thar an gcois eile: anmhall ag siubhal. Siubhalann sé go cos-éadtrom: go héascaidh. Chuir sé cos fúm a's leag: a chos treasna roim mo dhá chois. Budh chonntabharthach an rud do deineadh leat cor coise do chur fút: duine do chur a choise treasna do dhá chois a's tú ag rith nó ag siubhal. Thug an teine cosa breaca dho ó bheith ghá ghoradh féin: chuir an teas baill dhearga 'n-a chroiceann (a lorgan). Ó tá an chos i mbun an tsiubhail agam leanfad ar aghaidh: ós rud é go bhfuilim ar an mbóthar chun aistir.

cosabacóid: *b.2.* éirghe de léim ón dtalamh ar aon chois amháin agus teacht anuas airís uirthe tamall ó bhaile. Léim chosabacóid, truslóg a's léim: éirghe ag marc ar an gcois chlé cuir i gcás, teacht anuas uirthe airís (agus an chos dheas cromtha siar), an chos dheas do chur chun cinn, teacht anuas uirthe sin agus léim do thabhairt a's teacht anuas ar shálaibh an dá chos annsan. Níl ár dtighthe cosabacóid ó chéile: achar do ghlanfá de léim leathchoise.

cosaint: *b.* (*-ntha*) (*iol.* cosaintidhe) cumhdach, coimeád nó congabháil, scáth, cúltaca, dídean, caomhnas, daingean, daingniughadh, tearmann, anacal. Ár ndúnta ár gcosaint, gan iad do gheobhadh ár namhaid trí n-ár dtír: an rud chun sinn do chongbháil ó chonntabhairt, nó ó dhíobháil. Ball maith éaduigh seadh an chasóg mhór san mar chosaint síona: chun an fhuachta do choimeád amach. Chughat fear an ghuna, bí ar do chosaint!: bí ar t'aire, ar eagla do dhíobhala. Fágadh an tigh gan aon chosaint ar an ngaoith: gan feistiughadh 'n-a choinnibh: gan aon neartughadh ná daingniughadh a chuirfeadh neart na gaoithe ar neamhnidh. Cosaint mo chos ón (ar an) dtalamh mo bhróga: scáth ar ghortughadh, goilleamhaint nó mácháil. Chuala go rabhthas ar tí a mharbhtha agus thugas éachtaint ghá chur ar a chosaint: thagras don rud a bhí cloiste agam d'fhonn agus go mbeadh sé aireach; ná leigfeadh sé dá namhaid teacht i ngan fhios air, na dhíobháil do dhéanamh. Cuirtear cosaint éigin ar an ngort san, nó beidh ainmhidhthe na dúthaighe ag dul ann, a's ná bíodh sé béal anáirde: claidhe, fál nó fascain de shaghas éigin. Cosaint mhaith ón madra malluighthe úd seadh an bata san agat: sás a choimeádta gan tú d'ionnsaighe. Ní cosaint go daingniughadh: is fearr rud do chur ó bhaoghal i dtosach ná bheith d'iarraidh a scátha lé linn a ionnsaighthe. Seanfhocal seadh é ná "deaghaidh fear na teasardhan riamh as". Ag cosaint na beirte dhom bascadh me: á scaradh ó chéile a's gan leigeant dóibh a chéile do bhualadh. Sás maith cosanta an t-airgead: an té go mbíonn

an t-airgead aige ní deacair do cabhair do ghabháil leis (i ndlighe etc.). Ná bíodh aon chosaint agat ort féin orm-sa, ní baoghal duit me: ní gábhadh dhuit bheith scáthmhar rómham. Lé heagla roim a chéile thóg an Ghearmáin agus an Fhrainnc cosaintidhe daingne sa teórainn eatartha: dúnta cogaidh. Tógadh claidhe mór barrachta chun na farraige do chosaint ar bhéal an chuasa: chun í do chosc. Ar fhéachaint tharm dom do baineadh dem chosaint me: dheineas faillighe aire. Cosaint ní b'fhearr ní dheárna cómhairle (dlighe) ar choirptheach ná eile: tagairt ar son saortha ó chonntabhairt bhagartha.

cosair: *b.5.* pasáilt, an rud a bhíos pasálta; leapachas d'ainmhidhthibh. Cuirtear cosair fés na buaibh: tuighe nó a lithéid. Na fir bhochta is áidhbhéil an fulang do rinneadar ar pháirc an bhuailte, gonta 'n-a gcosair chródh tamallacha ar feadh lae a's breis: 'n-a gclais fhuiltigh: 'n-a gcarn lán d'fhuil a's de chréachtaibh. B'fhada, na bliadhanta, do bhí spré scol Earmuis Smiot i gcosair chródh sa cúirteannaibh: gan a shocrughadh, gan teacht air cad budh cheart do dhéanamh leis an maoin d'fhág sé ar a son. Ní fios fós cad é an taobh go mbeidh an lá; scéal i gcosair chródh seadh é: atá i gcuma gur deacair cinneadh air. Dhein na hainmhidhthe cosair easair den gcoirce, stolladar é, a's phasáladar é: ghabhadar de chosaibh ann agus mhilleadar é. Go dtí so im chosair easair do bhíos sa tigh, gach aonne ghom tharcuisniughadh, ach feasda áiteóchad mo cheart: iad ag gabháil lastuas díom: ag imirt a dtola orm.

cosamar: *f.1.* fuighleach (treis), graimirisc bhídh, dhaoine etc., trufais; cóip. Féach ar an gcosamar atá déanta den mbiadh bhreágh aice mar chócaire: loitighthe, mar bheadh fuighleach. Sura gcuirtear an chloch bhuinn caithfear an cosamar ar fad, mionchlocha, cré, buidéil, deideanna, etc., do scartadh as: trufais: an rud a bhíos caithte i leathtaoibh mar blúiridheacha gan tairbhe: aonnidh táir, neamhthairbheach. Siopa atá dulta chun deireadh seadh é, ní bhíonn dhá dhíol ann anois ach cosamar, díthbróg, seanéadaighe athchaithte etc. Bhailigh cosamar na sráide air agus é ag teannadh dighe leó: cóip.

cosamhail: *a.* cuibheasach, deallramhtach le, gan chúis ghearáin. "Connus bhrathair an aimsir seo?" – "cosamhail": gan chúis ghearáin ná mhaoidhte agam". Ní cosamhail dréir na cuma atá ar an bhfás san go dtiocfaidh sé go maith: is mó na cómharthaidhe atá air go dteipfidh ná go mbláthfaidh. Aon rud ar domhan gur cosamhla leis me ná bacach ag triall ó oifig go hoifig a's mo mhéar im bhéal agam ag déircínteacht mo chirt: is é cuma agus imtheacht an bhacaigh atá fúm. Obair cosamhail lé capall (cosamhail lé hobair chapaill): obair ná beadh oireamhnach lé n-a deacracht ach do chapall. Ghluais sé cosamhail le capall ráis lé corp deabhaidh: ar chlódh an chapaill ráis 'n-a tháinrith. Fan cosamhail mall, a's béarfad ar an mbóthar ort: cuibheasach mall, gan iomad deabhaidh. Níl aon ainmhidhe is cosamhla lé girrfhiadh ná coinín: ar an gcuma gcéadna déanamh a's datha. Dá mbeadh sé cosamhail lé n-ar tháinig roimis ní bheadh sé sprionnlaithe ná bochtchroidheach: dá mbeadh tréithe ann mar bhí ionta. "An dtiocfaidh sé (an mairfidh etc.)?" – "níor chosamhla aige ná gan teacht": níl cómhartha ná dearbhughadh go dtiocfadh sé acht oiread le fanacht. Ní cosamhla leitir chugham ná uaim: níl aon tsúil mhór dréir deallraimh lé leitir do theacht chugham. Ní cosamhla é ná a mhalairt: an rud atá i dtreis ní fios an dtiocfaidh sé chun cinn nó ná tiocfaidh.

cosamhlacht: *b.3.* oighre; deallramh; cuma na dearbhachta nó na fírinne; comórtas; clódh; crutaon. Galán gearrtha i gcosamhlacht croise atá ar an uaigh: cuma nó deallramh na croise. Cosamhlacht ar bith níl ag Séamas lé n-a athair, is mó cosamhlacht atá aige lé n-a mháthair, dath a súl, a fuilt agus an cneas geal céadna: na cómharthaidhe céadna aitheantais. Dearbhuighim go láidir ná raibh aon chosamhlacht meisce air nuair chonnac-sa é: ná raibh an chuma san air. Anamhailt do chonnac ar snámh bhí cosamhlacht an duine uirthe: budh dheallramhtach lé duine í: do bhí cuma nó crot an duine uirthe. Cad é cosamhlacht a atharruighthe nó an leanfaidh sé dá dhroichbheartaibh?: an bhfuil aon dul go n-atharróchaidh sé? Fear maith ar dhorn seadh é, ach is fada ó chosamhlacht Uí Dhíomsaigh é: ó dheallramh etc. Ná cuir choidhche tuata i gcosamhlacht lé ceárdaidhe rithte (rianta): i gcomórtas: rud do thómhas lé rud eile: meas do dhéanamh ar aon da (nó breis) nidh maidir lé ionannas nó deifridheacht. "An raibh aon iasc airéir aca?" – "cosamhlacht": "ladhracha" maithe: togálacha ná raibh rómhór ar fad, agus ná raibh beag ná sprionnlaithe. Is é is lánchosamhlacht go dtiocfaidh sé, mar is fada ghá gheallamhaint é: tá an uile dheallramh air mar scéal: breis chruthamhnais do bheith leis ná 'n-a choinne. Go hobann tháinig cosamhlacht an bháis air: cuma. B'fhearr do dhuine cosamhlacht ná an iomarca: cuibheasach: cuid is lugha ná a choisce. Ní fear dréir a chosamhlachta é: níl maith ann mar tá deallramh.

cosán: (**casán**) *f.1.* slighe, bealach, rian, lorg. Ní bhíodh aon bhóthar rianta ann sa tseanshaoghal ach cosán duine a's ainmhidhe: bealach beag cumhang ná beadh réidh slinn go leór chun trucallach, cuir i gcás, do ghabháil ann. Gaibh do chosán féin agus leig domsa pé bealach is toil liom do ghabháil: déin-se mar is áil leat. An cosán díreach an cosán: níl aon rud is fearr ná an mhacántacht. Duine mín, macánta ná cuireann bac ar aonne ar bhóthar ná ar chosán: in aon áit ná ar aon chuma. Drocháit seadh é níl ann ach cosán caorach: rian beag ná taisdealóchadh ach caora nó a lithéid air. Dhéanfadh Hitlear cosán tríd an Seic mara mbeadh margadh do dhéanamh leis: chlaoidhfeadh sé í: gheóbhadh sé tríthe ar a thoil. Shaoil na Dubhchrónaigh go ndéanfaidís cosán trí Éirinn: go stollfaidís as a chéile í. Sé cúis atá agam air seo go dtáinig sé treasna sa chosán orm: gur choisc sé me ar mo bhóthar do thabhairt orm: gur ionnsaigh sé me. Duine rómhallaighthe seadh thu, ní bheinn in aon chosán leat: id chuideachtain: ar aon toisc.

cosanta: *a.r.* dídeanta; cumhduighthe, clúduighthe; fascanta. Tír chosanta seadh an Ghearmáin, dúnta daingnighthe: fascain: longphuirt a's dúrlais tógtha chun namhad do choimeád amach. "Ní gábhadh dhuit eagla ar bith do bheith ort faid a's táim-se farrat" – "níl baoghal air ná gur maith an maide cosanta atá agam ionat-sa" (searbhas): duine nó nidh chun conntabhairte nó díobhála do chongbháil uait. Sin talamh cosanta: talamh, cuir i gcás, a bheadh lé congbháil chun móinfhéir a's ná leigfí ainmhidhe ag ingheal air. go bhfuil an fiadhach cosanta air (ann): ná leigtear do gach duine a ghaibheas an treó lámhach nó tóir do dhéanamh ann. Ceanntar cosanta ó dheas a's soir seadh é: tá fasc ó shíontaibh ann. Áit atá cosanta orm seadh an tigh sin: táim coiscighthe ar dhul ann. Imirtheóir cosanta i mbéal báire (báide) seadh an cúl atá agaibh: duine a choimeádas an pheil (an chaid, an liathróid) gan dul isteach. Aon bhuillidhe do thugas buillidhe cosanta dob eadh iad: buillidhe ag cosc buillidhe eile: níor bhuillidhe ionsuighthe iad.

cosantach: *a.* coimeádach, seachantach, aireach, dídeanach. Rún ná faisnéis ní bhfuaireas uaidh d'aindeóin mo cheistiúcháin, ach cainnt chosantach: cainnt go raibh sé aireach air féin ná scéidhfeadh sé nó ná éalóchadh oiread a's focal uaidh a chuirfeadh i dtreis é. Ó, geallaim duit ná béarfaidh droichshín ná drochúsáid air más féidir leis in ao'chor, duine cosantach air féin seadh é: aireach; seachnach ar a dhíth. Bí cosantach ar an ól ar eagla bheith fé chosaibh na ndaoine: aireach: ná hól thar do choisce. Ball maith cosantach atá ar do dhruim sa chasóig mhóir sin i gcómhair an duibheachaidh: ball dídeanach a scáthfadh duine ar an sín. Dá mbudh tiománaidhe ní budh chosantaighe é ní éiréochadh an tionóisc do mar nochtfadh sé an cúinne: seachantaighe: réamhairighe, réamhchúramaighe: go mbeadh a shúile ar oscailt aige 'sanáirde fé bhrághaid teangmhálacha.

cosantóir: *f.3.* dídean(óir); duine a bhíos ar chosaint duine eile mar comhairle dlighe do chosnach; gaiscidheach; duine go gcuirtear rud fé 'n-a chúram. Truagh choidhche imthighthe (básuighthe) é b'é cosantóir na mbocht é le linn gádhtair: an té a réidhteochadh a mbroid. Cosantóiridhe mo radhairc na spéaclaidhe atá orm, b'fhada dhom gan iad anáirde agam: clúdach nó scáth ó n-a thuilleadh laige do dhul air. Cosantóiridhe an Daingin dob iad na cheithre geataidhe a bhí air: na rudaidhe go raibh brath na ndaoine ortha ó dhíobháil.

cosaráil: *b.3.* pasáil throm; tóch trom; siubhal aimlidhthe; siubhal san uisce, sneachtadh, etc.. Ag cosaráil do bhí an leanbh i mbéal tuinne nuair árduigh uain chun siubhail é: "ag lapadghal": ag gluaiseacht tríd an uisce trácht ar bonn. Mo ghairdín breágh curtha 'n-a lat leidhbe ag cosaráil ainmhidhthe an pharóiste tréis na hoidhche: pasáilt: leagadh agus briseadh na bhfás. Ruibe féir ní fhásfaidh ar an ngort san age cosaráil na muc: tóch: deargadh: réabadh an fhóid ghlais. B'é an t-eagla a bhí ar an bhFrainnc dá réir féin go mbeadh cosaráil déanta den Seic ag arm na Gearmáine sara dtigeadh léi cabhair do chur ar a cosaint: gabháil tríthe a's a stracadh as a chéile: í do lat. Ar an saghas cosarála atá agat ní bheadh Tráighlí sroichte choidhche agat: siubhal neamhéascaidh, aimlidhthe. B'fhada bacach do tréis na cinneamhna, chaith sé na bliadhanta ag cosaráil tímcheall an tighe: ag siubhal go haindeis. Éanlaithe ag cosaráil in imeall tuinne; leanbhaidhe ag cosaráil amach lé bádaibh beaga.

cosarálaidhe: *f.4.* duine nó ainmhidhe gan siubhal éadtrom, éascaidh. Cosarálaidhe (capaill) do cheannuigh sé ar Aonach an Chláir, ní thugann sé a chosa deiridh go glan leis: siubhal tuathalach aige. Nách é an cosarálaidhe mí-thapaidh é Dómhnaillín an Chlúimh, chaithfeadh sé an lá ag dul treasna an bhóthair. Cosarálaidhthe tímcheall caide (peile), dar leat-sa, seadh gach fuireann ach bhur bhfuireann féin: aimileóiridhe: imireóiridhe gan eolas.

cos-árdach: *a.* faidchosach, do thógáil na gcos árd ag siubhal, ag sodar nó ag rith. Is cos-árdach liom do ghluaiseann an capall san chun tairring (tairric): dar liom go dtógann sé na cosa ró-árd ón dtalamh. Fear cos-árdach seadh é ná féadfadh puinn nirt do bheith ann: an iomad do bheith "scoiltighthe": ní tuar nirt cosa fada.

cosc: *f.1.* (*-oisc 7 -sctha*) toirmeasc; congbháil ar gcúl; plúchadh; srianadh, smacht; géibheann; críoch, bac, bacadh; staonadh, stad, maolughadh, crostáil; cur isteach; doichte;

snagadh; freasabhradh; fearas chun rotha do choimeád ar chasadh. Fuar é gnóth na cléire nó an lucht ceannais ar chosc na n-ógánach ar rinnce. Teóra aimsire ná tógáil hallaidhe rinnce ní choiscfidh iad ar rinnce ag baile nó ar bóthar: iarracht ar iad do staonadh nó do stad. Bím d'iarraidh me féin do chosc ar fheirg nuair 'cuirtear chuige' me: me féin do staonadh nó do mhaolughadh. Chuir an t-ádhbhairín braighdeanais a fuair sé cosc lé n-a dhroichdheábrachaibh: chuir sé críoch ar a dhroichbheartaibh. Ceal an airgid a chuir cosc ar an láimh chónganta. "An bhfuil aon chosc fós ar an gcogadh sa Spáinn?" – "níl, táid ag troid chómh fíochmhar agus bhíodar riamh": maolughadh: lagughadh. Is amhlaidh bítear d'iarraidh é do chosc ar obair in ionad bheith ghá bhrostughadh: bac do chur air: gan leigeant do oiread do dhéanamh. Mórán mór, a bhformhór ar fad, san Oileán Úr gur b'é a dtuairm láidir, ionraic gur díobháil mhór don ndúthaigh sin cosc na dighe: toirmeasc na dighe: deireadh do chur lé holachán mearbhaill. Níl neach ghod chosc ar aonnidh: tá cead cinn a's teangan agat. Lá tréanais ag an Eaglais seadh an Aoine agus bíonn cosc ar fheóil: ní lamhálann dlighe na hEaglaise (Eagailse) feóil d'itheadh ar phéin peacaidh. Rudaidhe coisc (cosctha) in adhmad chun a phlánála seadh duail do bheith: rudaidhe crostálta: a chuireas moill nó mairg ar an obair. Cosc ar mo chuid scríobhnóireachta seadh cách do bheith ag cainnt liom: cur isteach (cruisteach): cur ar gcúl. Níor mhaith leat bheith ag éisteacht léi ag cainnt 'gan gcosc mór atá 'n-a guth: snagadh: ní ghluaiseann a cuid cainnte go líomhtha chúiche. Bíonn dhá chosc ar rothar; ceann ar gach roth: fearas chun maoluighthe siubhail an rothair nó a stad ar fad. Pé cosc a bhíos ar scoil ar an leanbh crosta so, pioc ní bhíonn ag baile air, deineann sé mar is áil leis: pé smacht nó riar. Beidh sé fé chosc bliadhain eile mar gheall ar ghadaidheacht: i ngéibhinn. A rian air gur fada ó chosc é ar an réim atá fé: ó smacht. Níl Hitlear le cosc anois: ní féidir teacht treasna air nó níl a fhonn ar aonne ach leigeant leis. Ag cosc a deór is fada dhi: ag pluchadh: ghá múchadh. Gluais, cad tá ghod chosc anois?: ghod bhac ar bhac. Cosc ort!: go staonaidh rud éigin tu olc nó maith.

coscairt: *b.2.* (*-rtha*) ár, do dhéanamh áir; éirleach, milleadh; leaghadh an tsneachtaidh; carn de dhaoinibh, d'ainmhidhthibh, d'éanlaithibh, etc. marbha. "Sé lá coscartha an tsneachtaidh an lá is fuaire": an lá go mbíonn an sneachtadh ag leaghadh a's go mbíonn an talamh bog, salach, fliuch 'n-a phludadh. Riamh ó thúis an domhain níor deineadh coscairt cómh hiomadamhail, gráineamhail ar an gcinidh daonna agus a deineadh i rith an Chogaidh Mhóir: ár a's marbhadh go raibh cuirp cómh stollta, míochúmtha. Cuireadh fógradh ar lúib na coille ag cosc coscartha girrfhiadhtha ann: ag cosc a marbhtha. Fiche bliadhain ó shoin nuair bhíodh na mílte maircréal ag gach nadhbhóig seadh bhíodh an choscairt ann: mórchairn éisc mhairbh. Déanfaidh an gála coscairt (ar bharraidhibh) mara laguighidh sé: scrios nó creach.

coscartha: *a.r.* creachta, laitighthe, stollta, stracuighthe, pludach, táidhte. Droichbhliadhain í seo, beidh an tír coscartha dá deascaibh: creachta: beidh curadóireacht agus toradh laitighthe. Seadh, is baoghalach go bhfuil an tSeic coscartha ges na tíorthaibh 'n-a tímcheall, gach ceann aca agus a stiall féin aice dhi: míochúmtha: deighilte 'n-a codaibh. Tabhair aire na fola don gcneadh san ort, tá cuma choscartha uirthe a thabharfadh ceól duit: an bheó dhearg bheith lé feicsint: tá an chneadh 'n-a spóla. Aimsir fhealltamhail seadh an aimsir choscartha so nár mhór duit bróga maithe díon-uisce do

chaitheamh: uachtar na talmhan do bheith bog, pludach, mar bheadh i ndiaidh leachta an tsneachtaidh.

coscarthach: *a.* scriosach, creachach, marbhthach, bánuightheach, leachtach, laititheach. Mac Dé go gcoinnighidh sinn ach dá mbriseadh cogadh amach agus na pléascáin choscarthacha atá ag na Cómhachtaibh mhóra ní fágfí meidhil beó dhinn: marbhthacha, díobhálacha. Ar an bhfaobhar atá curtha agat uirte tá scian choscarthach déanta agat den seanmheilteóig: scian a gheárrfadh go cnámh. Níl aon rud chun díscighthe coinínidhe is coscarthaighe ná súileanna ruibe ar a ngnáthchosánaibh; tuitid leo má ghabhaid an treó: is fearr chun a marbhtha. Síon choscarthach ar arbhar seadh an bháisteach, síneann sí é agus lobhann: creachann sí é. D'ól sé nimh éigin choscarthach ná raibh aon teacht uaithe aige chun é féin d'ídiughadh: marbhthach.

coscraim: *b.a.* ₇ *n-a.* marbhaim, gearraim a's athchumaim; leadraim; ruagaim, slaodmharbhaim. Choscair Cromaill na daoine idir fhear, mhnaoi agus leanbh fé agus tharais: ar a fhorálamh tugadh an claidheamh dóibh uile. Rugadh i dteannta ar bhreis agus míle duine a's fear innste scéil níor éaluigh; do coscradh iad uile gan tor géillte do thabhairt ortha: cuireadh chun báis lé foirneart iad. An gheannc bhreágh fheóla a bhí aige is amhlaidh do choscair sé í in ionad í do ghearradh 'n-a blúiridheachaibh cearta: dhein sé laitiméireacht uirthe. Beag mhaith dho bheith ag dul chun cocaidheachta liomsa, choscróchainn é féin agus a leanas é: gheóbhfainn ortha: bhuadhfainn ortha. Fear mór fiadhaigh dob eadh é, go mbíodh scata con aige, gur choscair sé a raibh de ghirrfhiadhthaibh sa cheanntar: gur chuir tóir ortha a's do mhairbh. Choscruigh na hainmhidhthe an geamhar i slighe a's nár fhás sé ach go haindeis: phasáladar, stracadar as an dtalamh é. Ó, léan air mar fhear, chosair sé an t-asal bocht le sciain, gur bhain sé barraidheacha na gcluas de: lait sé go gránda míochúmtha iad.

cosfhliuch: *a.* do bheith fliuch i gcois. Obair chosfhliuch seadh bheith ag diúgadh talmhan sléibhe: is doichighede ná a chéile go mbíonn na cosa fliuch dá chionn. Budh mhinic cosfhliuch me ar muir agus ar tír agus a rian air indiu, táim buailte le dathachaibh: ráguigheadh go mbíodh mo chosa fliuch.

cos-lom: *a.* gan clúdach ar na cosaibh; gan snas na feóla ortha. Gheóbhair fuacht ó bheith ag imtheacht cos-lom id bhrógaibh gan stocaidhe mar sin: cosa nochtuighthe. Ainmhidhe cos-lom seadh girrfhiadh: gan feóil, seangchosach. (**cos-lomnochtuighthe**)

cosluath: *a.* mear, luas, mórshiubhail. Ní haon teamhair aige dul 'on Daingean dhá uair an chluig de shiubhal tá sé cosluath: mear, éascaidh. Is iomdha girrfhiadh is cosluaithe ná chú: is mó siubhal.

cosmhaile: *b.4.* comórtas, deallramh. Dá mbeadh cosmhaile ceannuightheóireachta air ní seanbhalcaisidhe a bheadh air: cuma nó deallramh go raibh cumas aige ceannuightheóireacht do dhéanamh. Ar airgead na cruinne, agus is mór an focal é, ní raghainn i gcosmhaile lé hanchúinse mar é: i gcomórtas leis.

cosmhalacht: *b.3.* deallramh, aithbhreith, cuma, cuid nó roinnt ná beadh rómhór. Chonnac chugham an truth i gcosmhalacht duine: créatúir nó amhailt go raibh déanamh an duine air. D'órduigh an dochtúir do gan ach cosmhalacht d'itheadh: oiread agus dhéanfadh é gan a dhóthain ar fad. Níor bhraith Séambairléin aon chosmhalacht go bhfaigheadh Sasana a's a cómhachta cómhair an lámh uachtair ar Hitlear mar go mbeadh iomad áthrach aoir 'n-a gcoinnibh: cao buaidhte. Ní tu, is dócha, atá agam ach tá cosmhalacht agat leis an té atá dhá lorg agam: deallramh: tá tréithe nó cumaidhe cuirp agat mar é. Mar is clos dom atá a shláinte dréir cosmhalachta ní bheidh sé ag rith an bháin go fóill: dréir tuairisce nách féidir deimhin do dhéanamh de, ach go bhfuil cuma na fírinne air. Is fearr cosmhalacht ná dul tar cailc: is fearr meónaidheacht in aon rud ná an iomad. Ní tu in aithbhreith an peictiúir seo ach sé do chosmhalacht é: cé ná fuil do cheannaghtha ann tá sé mar iad. Má bhíonn aon chosmhalacht ar an lá bíodh súil agat liom: má bhíonn an lá so-aistir a's gan bheith go maith etc. Cosmhalacht an bháis, ráis, nirt, airgid etc.: deallramh: cuma.

cosmhaluighim: *b.a. 7 n-a.* comórtasuighim; samhluighim. An gcosmhaluigheann tú mise lé deirceóir nó bacach go mbeinn ag brath ortsa chun aon ruda?: an gcuirir i gcomórtas me (an meastar leat) le díthreabhach trí dhímheas orm? Is mó chosmhaluigheann an leanbh muinntir a mháthar ná muinntir a athar: is mó do théidheann sé leó: tá breis dá ndeallramh nó dá dtréithibh ag baint leis.

cosnach: *f.1.* easair, blúiridheacha bídh (fuighleach) mar bheadh tréis béile; an lat do dhéineann luchaigh nó franncaigh ar arbhar etc.; roilleach, dríodar, moirt: gráinseáil; grúnlais. Dhein luchaigh nó franncaigh cosnach den gcoirce, ní íosfadh ainmhidhe ar bith anois é: ó bheith ag miotughadh air laiteadh é. Caith cosnach an bhúird chun an mhadra: an méid a bhíos mar earrasbarr: an fuighleach. Na suthaidhe d'itheadar é, agus d'íosfaidís a thuilleadh, níor fhágadar agamsa ach an cosnach: an méid d'imthigh 'n-a roilleach ortha. Cosnach do dhíol an brothaire leat a's ní hí an chéad rith feóla: an chuid nár bhfhiú puinn í. Ainmhidhthe seadh muca a íosfadh aon tsaghas cosnaigh: fuighleach nó dríodar bídh.

cosnaidheach: *a.* fadchosach. Ainmhidhe cosnaidheach seadh fiadh. Cosnaidheach mná a bhí ós cionn sé troighthe ar aoirde! Cá hiongadh léim do bheith ag an gcoin sin agus í chómh cosnaidheach: cosa fada.

cosnaim: *b.a.* déinim dídean (ar) i gcoinnibh, seasuighim i scáth, cumhduighim, daingnighim, toirmeascaim; coiscim. A Dhia, go gcosnair (gcosnuighir) sinn ar ár namhaid: nár leigir dár namhaid ár ndíobháil do dhéanamh. Cosain ar a chéile an bheirt sin atá ag baint fuil mhairt as a chéile: cuir ó chéile iad: scar iad ar eagla díobhála. Cosnóchaidh an chasóg mhór san ar fhuacht an gheimhridh thu: ní leigfidh sí don bhfuacht dul 'n-a luighe ort. Cosain tu féin, a pheacaigh, le húrnaighe ar an síorraidheacht: déin úrnaighe agus ní baoghal duit ifreann. Seachain! cosain an builbe sin: cuir díot é: ná buaileadh an iarracht ort. Mo chómhairle duit, cosain tú féin ar dhigh: fan uaithe nó ná tóg breis di. Cosnuightear an cnoc san chun fiadhaigh: ní leigtear do dhaoinibh fé a's tharais dul ag tóraidheacht ann. Dá gcosnuightí bainnc iascaigh na hÉireann b'fhearrde ár n-iascairidhe é: dá gcoimeádtí luingeas bradaidheachta a's foghla

uatha. Dá gcosnuightí an gort san do bheadh móinfhéar maith air: gan ainmhidhthe do leigeant ag inbhear air. Bead as baile ar feadh seachtmhaine, cosain mo thigh dom: bíodh do shúil air agus ná leig díth air. Chosnóchadh déanamh maith bídh mórán drochaicídidhe: ní leigfeadh dóibh teacht i ngaobhar don duine.

cosnaim: (**cosnuighim**) *b.a.* íocaim a luach as, bítear chun deireadh le. Cosnóchaidh an dlighe seo a thairrngis ort féin málaidhe airgid in am a's go mbeidh atúrnaethe a's cómhairlidhe sásta agat: díolfair go daor as do phóca leis mar chúrsa. Ní mór do chosnóchadh sé ort marcaidheacht do thabhairt dom agus gan aon ualach eile agat ach tu féin: ní bheadh puinn caillte agat leis: ní chuirfeadh fiú a's biorán chun deireadh thu. Dá gcosnuigheadh sé mo bheatha orm tabharfad fé: pé duadh nó cur siar a thiocfas orm raighead i dtreis a dhéanta.

cosnamh: *f.1.* (*-naimh, cosanta, -mhna*) cosaint, gárdáil, cosc, bac, toirmeasc, do chluicheadh. B'í a bhean a bhíodh dá chosnamh, mara mbeadh í is iomdha rud míoruthagach do dhéanfadh sé: is í a bhíodh ag toirmeasc air rudaidhe do dhéanamh. Rith an tighe ar fad bíodh aige chómh fada lém chuidse den scéal, níl aon chosnamh agam air: nílim ag crosadh aonnidh air: ag cur baca ná cosca air. Budh shoiléir gur ar a gcosnamh amháin do bheadh Sasana agus an Fhrainnc ar feadh scathaimh dá mbriseadh cogadh idir iad féin agus an Ghearmáin, mar ná raibh go leór luingeas aoir aca chun a hionnsaighthe: ar a gcosaint féin: ghá scáthadh féin uirthe. Tá an uile rud ar cosnamh agam, seachantar iad: is thar mo chrois do dhéanfar aon cruisteach ortha: fógraim fanacht uatha. Raghadh na hainmhidhthe bradacha so i bhfoghail ach go bhfuilim ghá gcosnamh: ghá gcosc. Ag cosnamh a gcuid talmhaintidhe riamh ar shainnt na dtighearnaidhe: ag cur i gcoinnibh a sainnte. Bíonn sé ag síorscríobh ag cosnamh ceart lucht díolta íoca: ag áiteamh ar a son agus ag tagairt a gcórach.

cósta: *f.4.* oirear, ciumhais talmhan a's farraige; ceanntar. An fada ar an gcósta so dhuit?: an fada ataoi tímcheall an bhaill seo? Breac níl ar an gcósta: tá an áit gan iasc d'aon tsaghas.

cóstáil: *b.3.* cuimhilt, deighleáil, pléidhe, broic, gabháil (le). "Connus réidhtighir féin agus do chóimhleacaidhe gnótha lé chéile?" – "bím ag cóstáil leis, mar is féidir liom, uaireannta buidheach, uaireannta míobhuidheach": ag broic leis: ag "cur suas" leis: ag fulang leis. An chóstáil do theastuigh uaim ní bhfuaireas, mo cheart, agus d'éirigheas as: an deighleáil: conbharsáid: tabhairt agus fagháilt. Is maith an chóstáil a bhíos eadraibh, choidhche ní éirigheann sibh chun a chéile: malartughadh baramhal, tuairmidhe nó comaraitidhe: an suas agus anuas a bhíos idir dhaoinibh. Bead ag cóstáil liom anois im aonar mar is fearr ionam: ag cur díom nó ag déanamh dom féin gan chabhair aonne. Ní bheadh aon chóstáil agam le camasghail, ní rud macánta, cóir é: aon bhaint, deighleáil.

costaiseach: (**costasach, costasamhail**) *a.* luachmhar, sóghmhail, taidhbhseach, sóchamamhail. Mara raibh éadach costaiseach uirthe, 'n-a shíoda agus 'n-a fhionnaidhe, ní lá fós é: culaithirt a chuaidh mórchuid airgid. Riamh, riamh ní bhíodh ar a mbórd ach biadh costaiseach, an chuid is fearr des gach aonnidh: biadh daor. Daoine costaiseacha dob eadh iad, bhíodar scaipightheach, flaitheamhail: daoine a chaitheadh nó go gcaithtí

mórchuid ortha. I ndeireadh dála is costaisighe go mór drochbhall saor ná deaghbhall daor, mar baintear breis agus a dhá oiread caithimh as: is mó do bhíonn duine siar nó chun deireadh leis. Budh chostaiseach leis: budh dhaoire, dar leis. Ainmhidhe níos neamhchostaisighe lé cothughadh seadh an t-asal ná an capall: is fusa agus is saoire é do chothughadh.

cóstálaim: *b. n-a.* ghnidhim (le), broicim (le), gabhaim (le). Lé n-a droichmhianaighe ní chóstálfadh an diabhal féin leis, ní féidir teidhmint do dhéanamh air: ní bhroicfeadh, ní fhuilngeóchadh an diabhal féin leis. Connus chóstálais domhnach na peile in Áth Cliath?: connus mar éirigh leat? "Ar chóstálais féin a's an ceannuightheóir go maith, an raibh deifir nó áiteamh eadraibh?" - "an deamhan pioc": connus réidhtigheabhair? Ní fheadar ón tsaoghal connus chóstálann daoine bochta sa chathair a chaitheas an uile rud do cheannach: connus mar mhairid agus chothuighid iad féin.

costas: *f.1.* luach aon ruda; an méid do caithtear nó díoltar as an rud; táille; fiacha, éileamh, dochar; an méid do bítear thíos le rud; cailleamhaint. Thugas costas an bhóthair go B'l'Áth Cliath dho: thugas an oiread airgid do agus d'íoc do as gach éileamh, fiacha. Ag imirt don bhfuirinn ní raghadh sé gan chúig phúint agus a chostaisidhe: an méid a heilfí ar a thaisdeal, a chuid bídh, etc. "Cad thugais ar an éadach san?" – "fuaireas ar an gcéadchostas é": ar an méid do tugadh air ó thúis gan sochar ag an ndíoltóir as. Fuair an déirceóir costas an bhóthair go maith uaidh: thug sé síntiús maith mar dhéirc do. Ní fada uaidh an costas bóthair, tá sé ag tabhairt na gcor: an bás bheith ghá éileamh. Costas mór seadh muirear óg do choimeád i mbiadh a's in éadach: caitheamh: an méid do caithtear do chaitheamh. Tháinig costas Mhearaice chuige a's beidh sé ag imtheacht go luath: an páipéar admháltais go raibh díolta ag duine éigin thall as é d'iomchar sall ar luing. Má bhíonn sé ar meisce ní ar a chostas féin é: ní hé féin a cheannuigheas an méid dighe d'ólann sé. Cad fáth go raghfá chun costais gluaisteáin a's rothar agat a dhéanfas do ghnóth: ag caitheamh airgid gan ghádhtar. Seo earra go bhfuil púnt dhá éileamh uirthe: ní fiú thar a cúig déag í: bheadh luach maith agat innte ar a trí déag. Is minic gur mó an t-éileamh ná fiú an ruda agus an costas an luach.

costirim: *a.* leasc ar na cosaibh d'fhliuchadh, do bheith tirim i gcois. Fiadhchloch ar lagthrágha fiú amháin nách féidir a sroicheamhaint costirim: dul go dtí í gan an t-uisce do dhul ar na cosaibh. Bíonn an cat miangaiseach chun éisc ach ainmhidhe costirim seadh é, a's ní raghadh ar a thóir: is áil leis a chosa do bheith tirim.

cóta: *f.4.* ball éadaigh uachtarach do chaitheann fir; íochtar mná. Ó bhíos i gcóta na cabhlach tá aithne agam air: ó bhíos i mball éadaigh a shroicheadh thar ghlúinibh agus anáirde go cabhail agus ar na géagaibh in aon bhlúire amháin: ó bhíos an-óg. [Sin mar déintí garsúin thuaithe do ghléasadh, ar nós gearrchailidhe]. Fear ag caitheamh cóta ní b'fhéile ná é budh dheacair d'fhagháil: fear ar bith. Anbhreóidhte dho tá cóta geal ar a theangain: screamh: clúdach. Cuir cóta tarraidh fén nadhbhóig: cuimil agus athchuimil tarradh dhi go mbíonn clúdach maith trom de uirthe. Dá mbeadh cóta péinte (gaiste) fén bhfuinneóig sin b'fhearrde í é: cuimilt mhaith, throm. Thagadh cóta grís amach trís na saighdiúiridhibh sa chogadh mhór: gríos trom. Scuab do chuid éadaigh tá cóta lathaighe ort: mórchuid. Caitheann an fear úd an cóta fós: ball fairsing go bpléataidhibh ós na

crománaibh anuas go glúinibh mar íochtar mná. “Cá gcuirfead na hubhla so? níl aon tslighe agam dóibh” – “in íochtar do chóta”: an bun iompuighthe anáirde chun ionaid gabhála do dhéanamh de. Cuireadh ó chóta an sagart nuair atharruigh sé a chreideamh: baineadh feadhmanna an tsagairt de.

cótán: *f.1.* an saghas cóta gearr fáiscighthe a bhíos ar ghárda, ar phóilín, etc. Chúisigh an gárda iad gur stracadar a chótán sa chíortuathail (cipile ó cip).

cothaidheacht: *b.3.* an rud a hithtear: tómhaltas; beathughadh, congbháil suas; aiste bheathuighthe. Chuaidh an t-oileán go maith dhuit, d’aithneóchainn go bhfuairis cothaidheacht mhaith ann: beathughadh. B’aindeis riamh é a chothaidheacht mar ná raibh sé in acmhainn ainnidh chóir do cheannach do féin: tómhaltas arán na beatha.

cotháil(t): (**cothabháil**) *b.3.* cothughadh, rud do thabhairt lé n-itheadh; cosnamh; do sholáthar. Dá mbudh liom thu, a rud dhíomhaoin, ní bheinn ghod chotháil: ag tabhairt bhídh duit. Déineann sé cotháil mhaith air féin: caitheann sé biadh maith. Fan-se ag cotháil na teine: i mbun na teine chun connaidh (gual, móin, adhmaid etc.) do choingeáil uirthe. Dar leis na feirmeóiridhibh gurb iad a bhíos ag cotháilt na dúthaighe: ag soláthar bídh dóibh. Tógaidh mo chómhairle, a’s ná bídh ag cotháilt bhruighne ar a chéile: ag coimeád bruighne ar siubhal. Biadh maith cothála seadh iasc úr: biadh go maith don gcoimpléas é. Níl cotháil bó in a bhfuil de thalamh aige: ní choingbheóchadh bó ’n-a beathaidh.

cothálach: (**cothabhálach**) *a.* cothuightheach, de mhianach scabhárdach. Talamh cothálach caorach seadh talamh gainimhe: bíonn scabhárd na beatha ann. Is cothálaighe min do mhucaibh ná prátaidhe: is fearr do mhairid uirthe agus do reamharuighid. De dheascaibh bídh neamhchothálaigh seadh do thagann furmhór galaraidhe an cheanntair: biadh ná bíonn scabhárd ann.

cothughadh: *f.* (*-uighthe*) do chongbháil suas; do bheathughadh, do chongbháil beó; d’fhadughadh; biadh; beathughadh maith; blás (bláthas), reimhreacht; duine nó ainmhidhe do beathuightear. “Dheineas céad púnt ar an aonach” – “cothughadh san ort”: a chonách san ort: a thuilleadh den rath san ort. Connus tá an aimsir ag cothughadh?: an bhfuil sí ag leanamhaint do bheith breágh. Congaibh cothughadh ar an dteine sin agus ní fada bheidh an biadh dhá bhruith: congaibh an neart céadna teasa innte. An fear é a dheineas cothughadh ar olc?: a chongaibheas olc istigh aige gan maitheamhnachas. Ní fhéadfadh gan árdchothughadh do bheith agat ar an gcroiceann atá ort: beathughadh bídh a’s dighe, ar fheabhas. Gheibhtear airgead maith de ghnáth ar an ainmhidhe go mbíonn an cothughadh air: bláthas, feóil. Táim dréir mo chothuighthe: mo dheallramh dréir an bhídh do gheibhim. D’árduigh an bás fear ár gcothuighthe uainn: an fear a sholáthruigheadh biadh an tighe. B’olc an cothughadh é a’s an tslighe d’iompuigh sé i gcoinnibh an té a chuir an biadh ’n-a bhéal: níor bh’fhiú biadh do thabhairt do. Ag cothughadh falaidh ameasc na ndaoine atá sé riamh: d’iarraidh cómharsa do chur in aghaidh cómharsan. Ná déinidh a thuilleadh cothuighthe ar an scéal, tá sé dulta chun seanbhróg cheana féin: ná déinidh a thuilleadh sians de.

cothuighim: *b.a. 7 n-a.* tógaim, tugaim biadh dho; congbhuighim suas, beathuighim, buanuighim; mairim, seasuighim (in eaga). "Ní chothuigheann na bréithre na bráithre": ní mór an mhaitheas cainnt gan obair. Dá mbudh dhóigh liom go gcothuigheadh an lá tirim thabharfainn fém thurus ag siubhal: go leanadh de bheith tirim. "Ní chothuigheann rith maith don each i gcómhnaidhe": is deacair buanughadh dho dhéanamh ar aonnidh a chosnuigheas mórchuid fuadair, fuinnimh, lútha, nó caithteachais. "Níl easbhaidh sa tsaoghal orm" – "go gcothuighidh Dia san duit": go dtugaidh Dia ná beidh a heasbhaidh choidhche ort. Choidhche cothóchad im inntin breághthacht na mná úd: bead cúramach air ná dearmhadfad í. "Siúd é do cothuigheadh go maith 'n-a bhunóic", deirtear lé duine go mbíonn cuma agus snas bídh mhaith air ó thúis a shaoghail. Go gcothuighid Dia sinn ar an olc: go gcosnuighidh. Chothuigheadar beart a mharbhtha: chuadadar i gcómhairle a chéile connus thiocfaidís ar é do chur chun báis. Cothuighim mo chapall go maith mar tugaim biadh maith dho: tugaim do chun ná beadh ocras ná tart air. [Ní deirtear "cothuigh é" le haon bhéile amháin do thabhairt do, ach biadh i gcoitchinne].

cothuighthe: *a.r.* deaghbhiadhta, beartuighthe. Balcán cothuighthe láidir: duine teann go mbíonn rian a choda go maith air. Tá an imirt cothuighthe go maith agaibh go dtí so: tá imeartha agaibh ar fheabhas i gceann a chéile. Is fada cothuighthe aige an t-olc dom: buanuighthe: gan leigeant do fuaradh dhom.

cothuightheacht: *b.3.* reimhre, bláthas na feóla; beathuightheacht. Rith ná lúth níl ann ge (ag) cothuightheacht an duine: méid na feóla atá air. Tír seadh Éire go bhfuil cothuightheacht ainmhidhe a's duine innte: beathughadh: fásann an oiread san de bhiadh agus de thoradh mhaith innte go mbeadh a rian ar a daoinibh.

cothuightheóir: *f.3.* taca, buanuightheóir, teanntóir. Dia an cothuightheóir is fearr: an té gur féidir leis cóngnamh agus cosaint do thabhairt dúinn. Cothuightheóir na hoíle an buaiceas: gur tríd an mbuaiceas do ghaibheann an oíle chun solais do dhéanamh. Cuirtear cothuightheóir pípe isteach annso: píp go ngeobhaidh oíle nó rud éigin tríthe. Cé go dtuilleann sé maidir leis an athair ní cothuightheóir don dtigh é, mar ná tugann sé faic chun costais maireachtana an tighe: cabharthóir beathuighthe.

crábhadh: *f.1.* creideamh; an mhotháilt nó an chaomhacht mhacánta do bhraitheann an duine don Uile-Chómhachtach; sians na muinghine as an Uile-Chómhachtach, a bhaineas urraim ann do Dhia agus claontacht chun a dhlighthe do chur in aithne agus géilleadh dóibh; diadhaireacht; cádhas. An lé crábhadh do dhúnann sé a shúile a's bhuaileann sé a ucht: le caondúthracht: eagla roim agus grádh do Dhia. An uile lá téidheann sí 'on teampall ag paidireóireacht lé crábhadh: lé fonn chun Dé.

crádh: *f.1.* ciapadh, ciapuightheacht, clipeadh, buaidhreamh, anródh, gádhtar, conntracht. Is é an crádh an leanbh san, ní stadann sé de bheith ag cros: ciapadh: déanamh rudaidhe a chuireas nó a thagas treasna ar dhuine eile. D'fhág a leanán fé chrádh é nuair dhiúltuigh sí é: fé anródh: fé bhuadhairt. Ná faigh puinn dá chrádh mar is é an buidheachas céadna dhuit é: ná cuir puinn duaidh ná anróidh ort féin leis. Cuid mhór dá chrádh fuaireas ghá thógaint a's ghá chothughadh: a dhuadh: chuir a chothughadh agus a thógaint buadhairt orm. Ní bheinn dom chrádh féin leo, ní fiú leath a nduaidh iad: ghom chiapadh féin: ag

suathadh m'aigne leó. Cad é an crádh atá ort anois?: cad tá ag déanamh mearbhaill duit? Cuireann sé crádh orm ná fuil an rud atá uait agam mar budh bhreágh liom maith do dhéanamh ort: buadhairt aigne. Tháinig crádh croidhe air gur bhuail sé thu gan chúis: do bhí coguas ag giobadh air. An crádh is mó a bhí riamh orm ná feaca é ar theacht go hÉirinn do agus me ar sciobaidh chuige: suathadh aigne: bhíos trí chéile im aigne 'n-a thaobh.

crádhaim: *b.a. 7 n-a.* ciapaim, clipim, buadhairim, cuirim olc ar, pianuighim, céasaim. Duine "chómh cráidhte le scadán" seadh é, ná cuir aon chaduaic air (ar nós an scadáin a bhíos clipighthe, ceapuighthe toisc go mbíonn na héisceanna eile ghá shíorthóraidheacht): chuirfeadh an rud is lugha ar domhan mairg air. In am agus go raibh Áth Cliath bainte amach, ag taisdeal i rith na hoidhche do bhí an croidhe cráidhte go maith ann: "budh dheacair é do bhearradh": níor shoilbhir an aigne a bhí aige: b'fhuraiste "é do thógaint". Táim cráidhte ó bheith ag éisteacht leis an bport céadna i gcómhnaidhe agat: ciapuighthe. Chráidh san ar fad é: d'fhoidhneóchadh sé aon rud ach san. "Chrádhfadh sé Dia na Glóire, moladh go deo leis": ní fhéadfadh aonne gan droichmhianach do theacht air leis. Crádhfad-sa an croidhe ionat: cuirfead buadhairt nó míoshuaimhneas aigne ort (deirtear so lé rud, duine nó ainmhidhe a raghadh díot ach fós go raghadh do bheart 'n-a luighe air). Duine gur furaiste cóstáil leis seadh é, neamhchráidhte, ná bíodh aon chúthaileacht ort dul fé bhrághaid cainnte leis: sochma: socair-aigeanta: sonaoideach.

crág: *b.2.* mág, crobh na láimhe, mám, gríobh ainmhidhe nó éin creiche. Cuir crág mine san gcíste plúir: mám, oiread agus b'fhéidir lé duine do thógaint 'n-a chrobh. Fuair sé crág airgid ar a chuid beithidheach. Cuir isteach an chrág chun an chosca do chur ar an ngluaisteán: an fearas chun feirste do ghreamughadh nó d'fhuascailt. Dá gcuireadh fiolar a chrága greamuighthe ionat bheadh a fhios agat cad é an saghas iad: na hingne croma a bhíos air.

crágadh: *f.1.* (*-gtha*) slágadh, láimhseáil neamhmín; suathadh, díoscadh, cóimhpléascadh. Nuair chuaidh an mínightheóir leómhan isteach 'on chás chun cleas d'imirt leis an leómhan ling sé air agus chrom ar é do chrágadh lé n-a lapaidhibh láidre, gur stol a's strac a chroiceann: do bhrughadh a's do thuargaint. Thárlaidh crágadh idir dhá luing gur stolladh poll mór i dtaobh chinn aca a's go ndeachaidh sí ar tóin puill: cómhbhualadh: coimhphléascadh: tromphleanncadh.

crágaire: *f.4.* duine aindeis, tuathalach, neamhchruinn. Crágaire mhná ná féadfadh cuigeann ime do dhéanamh ar nós aon mhná gasta: gan bheith deaslámhach, cruinn. Ar mh'anam-sa féin go bhfuil neart agus acmhain 'n-a ghéagaibh siúd, gurb é an crágaire fir é: fear a shuathfadh a chéile cómhraic.

cráibhtheach: *a.* caondúthrachtach, diamhóideach, diadha. Tugann sí aire chráibhtheach don aifreann: ní leigeann sí d'aon rud ná smaoineamh mearughadh do chur uirthe ach luighe lé n-a húrnaighthibh. Labhair go cráibhtheach leis an leanbh gan chiall: go cneasta. Connus b'fhéidir leis do bheith cráibhtheach, an té ná deaghaidh chun aifrinn ná faoisdine lé fios cathain: go h-ionraic i súilibh Dé. "Fóghnaimís Dia lé hurraim agus eagla cráibhtheach" (Eabhraigh XII. 28): eagla lán de chion agus d'umhalaidheacht.

cráibhtheacht: *b.3.* caondúthracht, diamhóideacht, diadha, umhalaidheacht anama, ionracas. Cad atá ann ach bréigchráibhtheacht bheith ag dul chun teampaill ag guidheachtaint agus annsan bheith ag déanamh gadaidheachta: ceal ceana ar Dhia agus ar chách. "Acht is tairbheach an chráibhtheacht chun an uile nidh ag a bhfuil gealladh na beatha atá i láthair agus lé teacht" (1. Tiomat IV. 8): an tslighe ionraic a leanas Dia lé cion agus díoghrais do. An lé cráibhtheacht nó lé heagla roim ifreann do néir troscadh: lé grádh agus eagla Dé.

craidhreacán: *f.1.* saghas plannda a fhásas ar bhruach na farraige. Baintear áis as chun picealach do dhéanamh.

cráidhte: *a.r.* fic **crádhaim**

cráidhteachán: *f.1.* duine gur mór nách féidir gnaoi do chongbháil air; sprionnlóir; neach gan suairceas. Nuair ná faigheadh sé ubhall ar nós na coda eile dhein cráidhteachán de: pusaire: tháinig pusghal air. Léan air mar chráidhteachán ní shásuigheann teas é a's ní shásuigheann fuacht é: duine duairc doshásta. Bliadhanta ó shin ní bhuailfeadh fear leat budh chainntighe ná b'fhiafruighthe ná é, anois nuair chainnteófá é is amhlaidh do chuireann sé púic air féin, innis dom cad do dhein cráidhteachán de: duine doshásta, doghaiceach gan greann. Dá gcuirtheá "an cnoc úd thall ar an gcnoc so abhfus" do bheadh sé 'n-a chráidhteachán 'n-a dhiaidh: duine ag síorghearán: ceisnightheóir. Cuideachta cráidhteacháin ní háil liom é ag féachaint dachad uair ar dhá thaobh na pingine sara gcaitheann í: sprionnlóir: duine go mbíonn a chroidhe 'n-a chuid aige. "Féachaidh anois air! nách é an cráidhteachán é": duine go mbíonn míoghnaoi gan adhbhar air. Ní haon chráidhteachán é: duine oscailte, soilbhir.

cráidhteacht: *b.3.* clipeadh, céasadh, ciapadh, buadhairt, tinneas. "Mo chreach a's mo chráidhteacht is fada siar Márthain agus an baile atá láimh leis" (baile agus paróiste in iarthar Chorca Dhuibhne): mo chiapadh: cur mór trí chéile aigne. [Deirtear so lé haon rud a thaidhbhsigheas dodhéanta.] Mo chráidhteacht! siúd é an fear go bhfuil an ceól 'n-a chnámhaibh: bí deimhnightheach de. "An dóigh leat go n-éireóchaidh leis?" – "mo chráidhteacht" (is air ná fuil an baoghal), nó "mo chráidhteacht" (is fada buidhe uaidh é): níl aon dul aige air [tá an dá chiall leis – iongadh go ndéanfadh nó deimhnightheacht]. Ná cuirfeadh an droichbhiadh san cráidhteacht croidhe ar aonne suidhe chuige, féach an drochchlódh beirbhthe atá air: míofhonn déistinneach. Bíonn rud éigin ag tárlachaint dom chun cráidhteacht aigne do chur orm, an rud so indiu a's an rud úd ambáireach ag dul im choinnibh: ciapadh: cur as subháilceas. Dá mbeireadh duine fada ar an saoghal ní bhfaghadh sé leath cráidhteachta uaidh: thiocfadh cúrsaidhe an tsaoghail níos buige air. "Ní beag don lá a chráidhteacht": leanann go leór buadhairimh é gan adughadh ortha dár ndeóintibh féin.

cráin: *b.5.* (-ánach, *iol.* cránacha, cránta) sutha, an mhuc bhainneann bhláthach, (síolmhar); baineannach mórán ainmhidhthe agus iasc, cráin ghé, phartáin, bhradáin, lachan, carbhall táire ag tagairt do mhnaoi. A dheara, mhuise, siúd í an chráin mhalluighthe, dá bhfeictheá an strán buile a tháinig uirthe: bean a bheadh chómh

fíochmhar, stuacach, ceanndáine leis an muic féin. Ná déin cráin díot féin!: ná h-ith ar nós na cránach nó oiread léi. Bíodh na cránta i bhfochair na nganndal agat: bíodh an uile rud agat ó tá an cíocras thar barr ort. Ní maith an earra lé righineacht stiall den sutha cránach: cráin mhór chraosach. Chaith sé an lá ag ól 'n-a shutha cránach gur chuma leis cad é an saghas agus an méid dighe do shloigfeadh sé mar craosaire. Sháidh sé chugham (chun etc.) ar nós na cránach (muice): gan géilleadh d'aon rud: go tulcamhail: go suthamhail: go haineólach, neamhmín.

crainn: *g.* crann. Baineadh an chos ón gceathramhain síos de – cos chrainn atá fé anois: déanta d'adhmad. Fágfaidh an chonntabhairt cosa chrainn fút-sa fós: mara mbír aireach caillfir lúth do chos agus is éigean a dteascadh dhíot.

craipille: *f.4.* cláiríneach, mairtíneach; duine gan lúth a ghéag. Caith dhíot na bróga san, na labhtaistidhe, táid id chraipille aca, níl ionat corruighe leo: duine bacach: crioplach. Nách air do thuit an aindeis go luath 'n-a shaoghal, tá craipille déanta anuas ar an dtalamh de: 'n-a dhuine ná fuil lúth éascaidh a chos nó a ghéag aige. Tá mo lámh 'n-a craipille ge dútaidhibh: níl a háis ar mo chumas. Craipillidhe chun bóthair iad: fíorbheagán aistir is féidir leó do dhéanamh. (craipilleachán). Na béarfá i gceart dom ar an ndrithle nó bainfead na géaga díot, a chraipilleacháin!: duine gan tapa.

crampa: *f.4.* ríog (tinnis); caoir (meisce mhór); claspadh, fáisceán (ceárd), gléas chun gluaiseachta tímchill d'atharrughadh ar ghluaiseacht shealadaigh nó a mhalairt; an lámh bhacóideach a bhaineas ineall gluaisteáin. Rith crampa im chois a's dá bhfaighinn talamh tirim na hÉireann saor ní fhéadfainn bogadh ná sáthadh do bhaint aiste: tinneas a chuireas dá treóir í. Téigheann an fear céadna ar chrampaidhibh troma go mbíonn 'n-a sheódh bóthair ag an saoghal, gan chiall, gan mheabhair: caoireacha: babhtaidhe póite. Ón gcómhlainn go dtí taobh an chófra bhí dhá chrampa copair ar lúdrachaibh: dhá fháisceán ar alt mar ar bh'fhéidir iad do chromadh. Crampaidhe a's dathacha iarlais na drochúsáide: ríoga tinnis a's tinneasaidhe matán deasca droichdhéanamh do thabhairt don gcorp. Tiocfaidh crampaidhe ionat lé díomhaointeas!: ní fhanfaidh áis do bhaill beatha agat trí cheal acallaidheachta (aicillidheachta).

crampach: *a.* tugtha do phóit; achrannach; claon ar fhreangaidhibh tinnis. Duine crampach dob eadh riamh é in aice "an tobair" (an tigh tábhairne): tugtha do bheith ar meisce. Mo ghéaga ag éirghe crampach ó bheith suidhte: stanngtha. Cúrsa róchrampach dom seadh a thuigsint connus gur fiú púnt lé Sasana a ceathair fichead i dtír eile: fadhbach: dothuigse. Nách crampach ataoi ná féadfá gluaiseacht níos mire: casta ar a chéile, stanngtha.

crann: *f.1.* (*iol.* crannaidheacha, crainn) Aon phlannda síthbheó adhmadach toirteamhail a fhásas ar cheap aonair; cuaille árd, cruinn adhmaid árduighthe nó déanta lé n-a árdughadh go díreach nó geall leis ar bhád nó ar luing chun seóil, slat agus gabháil na luinge nó an bháid do thacaidheacht, úrlann, sámhthach; cuaille, barra, creachail, bíoma; froma; fonnadh; cliath; an rud a thuiteas lé duine dá chuid; dán, cinneamhaint, oidheadh; aon rud go mbaintear áis as i gcinneadh tuiteamais. Thugas an lá im sheasamh im chrann ag fuinneóig na hoifige, gan aon nath díreach ionam ach oiread le cloich: gan cor asam:

chómh socair leis an bhfás féin. Duine chómh folláin le crann daraighe (feabhas agus neart agus fulang an chrainn sin). “Choidhche ná buailtear leis an gcrann truim tu nó stadfair d’fhás” (piseoga): cineál ruis go mbláith bháin agus caora dubha nó dearga, i gclathachaibh i gcómhgar tighthe d’fhásaid annso. Crann gabáiste: an tor a fhásas ar chois an ghlasra sin (cineál aithnideamhail plannda inithte). Crannaidheacha torthamhla gabháiste. Chaith sé urchar (cloichín) as an gcrann tabhail ar an éan gur mhairbh é: fearas a bhíos ag buachaillidhibh go mbíonn gabhlóg agus sreang ann, mar a gcuirtear an t-urchar agus a teanntuightear ’sa scaoiltear go hobann lé fuinneamh. Crann iomchair rólag ná fuilngeóchadh tona meádhachana sa trucail: fearsad adhmaid nó cleith mhitil fearaistighthe as a dhá cheann lé cur isteach i mol rotha a chasas ’n-a thímcheall. Ná bíodh aon eagla ort ná go bhfuil crann iomchair maith aige faid atá airgead ge n-a mhnaoi: taca maith. Do liocófa an císte agus ní bheadh sé chómh tútach da rithteá an crann fuinnte air: blúire crainn adhmaid a liathruightear ar an dtaos chun a chúmtha ’n-a chíste. Crann speile: an chuid di go mbíonn na dúirnínidhe air (ach sámhthach sluaiste, ráinne, sámhthach bata). Crom, a’s téighir isteach ar do chrannaibh, tá áth an phuill ró-íseal duit id sheasamh: ar do ghlúinibh a’s ar do dheárnachaibh. Moladh tu go crannaibh na gréine, ná raibh fear sa cheanntar dob fhéile ná thu, ná budh mhó fé chion ag na daoinibh: moladh thar na beartaibh thu: moladh ó thalamh. A Dhia Mhóir, bí mar chrann cosanta agam ar mhalluightheacht a’s chathughadh an diaill: mar mhuinghin (cóir) díobhála gan do thuiteam orm: cosantóir. Crann deilbhe, (dealuighthe) an gléas go gcuirtear an dlúth air i gcóir an tseóil: uaithnidhe dealbha (deilbhe, dealuighthe). Crann tochraiste: uaithne nó fearas (adhmaid) chun snátha do chasadh air. D’árduightí feamnach ón gcladach thíos ar aghaidh na faille go barr anáirde lé crann tógála: croch: ineall chun rudaidhe troma d’árdach a’s d’ísliughadh. Thásdáil na gárdaidhe an crann tómhais a bhíodh ag tómhas féir, guail, etc., aige a’s fuairtheas ná raibh sé beacht: ineall chun fíormheádhchana aon ruda do dheimhniughadh. Anois faigheadh gach aonne agaibh a chrann féin, aon rud in ao’chor, blúire chipín, cloichín, etc., agus cuirfeam ar chrannaibh na claiseacha éisc seo: cómhartha an uile dhuine do chur i bhfolach agus iad do tharrang ’n-a gceann a’s ’n-a gceann faid a’s bhíonn duine ag deimhniughadh a mhéire ar gach clais. Cuirtear ar crannaibh cé fhanfaidh i mbun an tighe agus a leigfidh don gcuid eile dul ar an rinnce: an rud a ránguigheas ar dhuine ameasc daoine eile do dhéanamh trí n-a chur i leith cinneamhna mar a mbíonn an chao chéadna ag cách óir nách fios cé leis an crann (nó an cómhartha) a thairngeófí: dán. Shúngcáil an bád ach níor báthadh ach duine; ar mo mhac-sa do thuit an crann: is air do bheartuigh an chinneamhaint: b’é a dhán bás d’fhagháil agus an chuid eile do theacht saor ó bhaoghal. “Briseadh a dhá chois indé” – “tá an crann riamh air”: mío-ádh bheith ghá leanamhaint. Cad é an crann atá anuas ort agus bheith ag ól?: dán mío-ádhmharach. Tréis dhúinn bheith i gcómhairle ar feadh uaire an chluig chuireamair crann ort thú do thoghadh mar theachta dála: bheartuigheamair ort: thoghamair thu. Breac mór coraiceach a bhí agus thuit sé le Liam, bhí an t-ádh crainn riamh air: rud a thárluigheas bíodh sé olc nó maith: aon rud a thagas gan deimhin nó coinne do bheith leis. Cuir uaim na cranna a’s suidh socair sa bhád, ní haon áit ionfairte dhuit é seo: na feádhanna: na gleadhanna: do dhéanamh seóidh le cleasaibh suaracha. Chaith sé a chrann tómhais go fírinneach, cad thárlóchadh idir Séambairléin agus Hitlear i Miúinic: an tuairm a thug sé do b’é an ceart é. “Cad is dóigh leat a dubhradh id thaobh?” – “an bhfaighead ar mo chrann tómhais é?” Má chuirim amach é, an inneósair dom gur mar sin a bhí? Ná congaibh ar mo chrann tómhais me, innis dom cad scéala agat

chugham: ná congaibh me ag tabhairt buille fé thuairm. Cad é an crann do thairngis as "mála an éithigh" an turus so: an áit go mbíonn na cómharthaidh (tuicéadaidhe nó eile) bailighthe, curtha trí chéile.

crannaidhe: *f.4.* mairtíneach seanduine. Cé go raibh an Turcach úd os chionn sé fichid bliadhain ní raibh sé 'n-a chrannaidhe, do bhí lúth a ghéag aige agus luadhail a theangan: gan éascaidheacht, marbh ar nós crainn le féachaint air. Dhein an trucail a's suaidhteacht an bhóthair crannaidhe dhíom: do bhodhar mo chuid fola im fhéitheannaibh agus ní raibh luadar mo ghéag agam.

crannchur: *f.1.* tionnscaid chun riartha duaiseanna ar chrannaibh (cómharthaidhe bheith chómhpháirteach ann); cluiche cinneamhna ar a gcuirtear suimeanna beaga airgid do dhul i leith nó i dtreis luacha d'fhagháil in airgead nó in earraidhibh eile. Bhuaidh ceathrar in Éirinn deich míle fichead púnt an duine ar Chrannchur na n-ósbuidéal.

crannda: *a.* seirgthe, casta ar a chéile, gan cuma fola bheith ar ach an oiread agus bhíonn ar adhmad; seanórdha. Taidhbhsigheadh dom gur íomháigh é nuair leagas mo shúil air a's nár bhreithnigheas anam ná corruighe 'n-a chreat crannda: samhail an duine mar bheadh greanta as adhmad. San Éigipt gheibhtear marbháin tréis na mílte mílte bliadhan dóibh san uaigh, mar bhíodhar an lá do deineadh balmughadh ortha acht amháin iad do bheith crannda: seirgthe: dulta 'n-a chéile, agus crapuighthe. Cuir uait! ná lochtuigh ar fad an seanduine, níl sé chómh dearóil agus tá cuma crannda air: cromtha, druinn lé haois air.

cranndacht: *b.3.* laige, neamhéascaidheacht, seirgtheacht. Cranndacht mo chnámh nár leómhaidh dom teacht ar an gcóisir a's ní hé neamhmian: easbhaidh cur leis na gcnámh lé n-a laige trí aois. Tairng amach an capall san a's bain greas reatha as, ní fhéadfadh sé gan cranndacht do bheith ann ó bheith istigh lé laetheantaibh: stangthacht, neamhéascaidheacht géag. Tagann an chranndacht le tromaois: an laige, an dearóileacht is an neamhmire.

cranndúir: *f.3.* seanduine críon, caithte. Mara b'é an t-am do pósadh é an cranndúir 'na ndeich mbliadhan agus trí fichid. Is geairrid bheidh aonne anois sa Ghaedhealtacht acht na cranndúiridhe mar ná fuil an óige ag pósadh: na seandaoine atá ag druideam leis an uaigh.

crannghail: *b.3.* ₇ *5.* adhmad, adhmad coille; cliath; cliathach; tógáil árd déanta d'adhmad i dteampall i gcóir seanmóna. Abha bheag chumhanga dob eadh í, a's níor dheacair droichead crannghalach do chur treasna uirthe: droichead déanta lé slapar crann. Chuaidh sé ar a dhá ghlúin age crannghail na haltórach: an ráil adhmaid a dhealuigheas áit na haltóra ón gcuid eile den dteampall. Fuaireas cuid mhaith chrannghala(ch) caithte isteach tréis na hoidhche ar an dtráigh: blúiridheacha adhmaid: smutharghal raice.

crannlach: *f.1.* slapar; slisneacha; brosna; cipíneach; spothánach; gais fheóidhte. Ag bailiughadh crannlaigh sa choill chun teine do lucht an bhaile mhóir a shlighe bheatha: na géaga a's na slapair. B'andheacair fiadhach do dhéanamh sa choill mar bhí sí lán de chrannlach thiugh nár bh'fhuraiste gabháil tríd: mothar tiugh planndaidhe a's fáiseanna.

Bailightear ’n-aon chúil amháin crannlach na ngas prátaidhe agus dóightear iad: na buin feóidhte.

crannlaoch: *f.1.* fear caol, árd. “Tair anuas as san, a chrannlaoigh”, ar seisean “nó stroillfir agus básfar thu”: duine a bhí ró-árd don ionad neamhdhaingean ’n-a raibh sé. Léan air! is aindeis an chrannlaoch fir do phós sí: b’fhearra dhi buachaill teann, íseal: fear nár mhaise dho a aoirde.

crannóg: *b.2.* déantús d’adhmad éadtrom nó de thuigidhibh; áit fartha i gcrann luinge; ciseán; duine casta ar a chéile, cnocaire. Chloisfeá go soiléir an uile fhocal ón seanmónaidhe anuas as an gcrannóig: an t-ionad árduighthe cainnte a bhí aige. Callóideach an obair ag an bhfairitheóir anáirde ’n-a chrannóig é oidhche fhada fhuar gheimhridh. Sa tseanaimsir chómhnuigheadh daoine i gcrannógaibh ar lochaibh: i dtighthibh beaga árduighthe os chionn uisce a’s déanta de shlapar crann. Suidhte amuigh ar a chrannóig do bhíodh gíománaidhe cóiste gceithre gcapall: suidheachán árduighthe. Dhein obair a’s aindeise crannóg díom: duine crom casta ar a chéile.

crannruighim: *b. n-a.* aosuighim a’s casaim ar a chéile. Crannruigheann an duine leis na bliadhantaibh: imthigheann an sughlach as a chorp a’s stangann sé.

craobh: *b.2.* (*iol.* craobha, craobhacha, gan fuaim ag “bh” agus “ao” anfhada) beangán, géag, rós íseal a fhásas ar thalamh go mbíonn mianach móna ann. Rug sé an chraobh i ngach cath, níor buadhadh riamh air: an curadhmhír: an lámh uachtair in aon choimheascar nó coinsgleódh. Craobh na hÉireann ar pheil: an barra buadha. Gach aonne ghá thabhairt fé ndeara agus ag gáiridhe fé nuair chonnacadar an cóta air, é ’n-a chraobh aonaigh aca: ag tógaint ceann de: agaidh chaoraidheacht an uile dhuine air: b’é scáthán gach aonne é. Coirce gearra seadh é, ach tá craobh mhaith air: déas, (léas): an chuid den arbhar go mbíonn an gráinne ann. Ní bhaineann an duine úd lem chraoibh gheanalaigh: tuarasgabháil mo shíolraidh. Cuimil fáinne óir nó bonn óir den gcraoibh odhair ar do shúil agus cneasóchaidh sí: fás nó at ar an súil. Tímcheall na haimsire den mbliadhain go raibh an t-arbhar i gcraoibh: i ndéis: an gráinne do bheith ag eascar air. D’imthigh sé leis na craobhachaibh: as a mheabhair: ar buile. Chuaidh sé ar na craobhachaibh le digh: tháinig mearbhall chómh mór san air nár bh’fheas do cad bhí dhá dhéanamh aige. Cheannuigh sí áruistidhe go raibh craobhacha dearga ortha: dréacht mar sealach, éanlaithe, etc.

craobhach: *a.* beangánach, géagach; slaodach; breacach, dréachtach; sconnabheartach, rabairneach; slisneach. Bhailigh garsúin na gcúlshráideann mórán craobhaigh mar ar ghearraidh an feirmeóir na crainn: na slapair a’s na cipínidhe a fhan ’n-a ndiaidh. Siúd é ná fágfaidh puinn i ndiaidh a bháis, mar tá sé ghá chaitheamh go craobhach: go fial, rabairneach: gan a chaitheamh ag cur aon mhairge air. Thabharfadh sí a lá ’sa saoghal ag dearcadh i bhfuinneógaibh na siopaidhe ar ghúnaidhibh craobhacha: go mórchuid dathann: breaca: go raibh dréachtáin ortha. “A dlaoithfholt crathach, craobhach ag tidheacht ar fad go halt ’n-a deóidh” (seanamhrán): slaodach; cómh flúirseach fada san go raibh sé ’n-a tháitheannaibh mar bheadh snáithínidhe téide. Cnoc craobhach: cnoc go mbíonn cuid mhór chraoibhe ag fás air. Riamh ní fheaca bean budh chraobhaighe gabhtha

ná í: budh mhódhmhaire: budh nósmhaire. Aicíd chraobhach dob í a scaip go fóirleathanadamhail: aicíd a bhuail thall 'sabhfus ar fuaid líomatáiste móire. Cómhlucht chraobhach seadh Muinntir Bhulbhort: tighthe díoltacháin aca scaipighthe i mórán tíortha. Coirce feamnach etc., craobhach: go mbeadh mórchuid géagán ag fás as an ngas.

craobh-cheathach: *a.* ceathanna éadtroma anois agus airís. Lá cuibheasach fóghmhair seadh é, ní mór an díobháil an t-uisce craobh-cheathach san: uisce fada, fánach.

craobh-chioth: *f.3.* (*-cheatha*) (*iol.* craobhcheathanna) Tháinig craobh-chioth orainn ach sin uile a bhfuaireamair de bháistigh: cioth éadtrom aonarach, mar thagann in aimsir ná bíonn róshocair ar fad. Ní fheadar cad deirim leis an lá, is mór liom a bhfuil de chraobh-cheathannaibh dhá bhaint laistiar: ceathanna reatha ná seasuigheann rófhada ach nách tuar iontaoibhe iad.

craobhscaoileadh: *f.* (*-lte*) gníomh nó déanadas fógartha nó iomadamhlachta, leathanuighthe etc., mínighthe, foillsighthe, nochtuighthe, dréachta, dealbhtha; seanmónaidheacht. An uile dhuine go mbíonn fonn na fírinne air agus gur b'é a mhian gan faic eile do chraobhscaoileadh nochtann sé a ghaois go toilteanach don bpobal: do chur os chómhair chách a's a fhóirleathanadughadh. D'imthigh ceathrar sagart, dréir na nuadhachta, chun na hAfraice thiar chun craobhscaoilte an chreidimh ameasc na bpágánach ann: a leathadh a's a mhúineadh. Beidh dhá chruinniughadh ag dhá dhream deifreach poilitidheacht Dé Sathairn ag craobhscaoileadh a ngaoise: ag cur ciallmhaireachta agus feabhasa a slighthe riartha gnóthaidhe na dúthaighe fé bhrághaid an phobail. Deineadh craobhscaoileadh sa chúirt ar ar thárlaidh idir an bhfear a bhí ag fagháil bháis agus an té a thairng a udhacht: innseadh an uile rud mar thárla. Tá craobhscaoileadh gach glún ar mhuinntir an pharóiste aige: chuirfeadh sé isteach gaol agus cómhgas an uile líon tighe i bhfad siar tharais. Ní gábhadh d'aonne bheith ag craobhscaoileadh mo locht dom mar is rómhaith is eól dom iad: bheith ghá mbreacadh dhom. Fuaireas craobhscaoileadh ar t'imtheachtaibh i mB'l'Ath Cliath ó fhear a bhí it fhochair: tuarasgabháil chruinn, bheacht. Ná bí ag craobhscaoileadh dhómhsa, ní bhaineann an cúrsa liom: ná bí ag aithris so súd agus súd a's so 'n-a thaobh dom.

craobhscaoilim: *b.a.* scaoilim, mínighim, leathanuighim, scéidhim, fógraim; seanmónaim. Craobhscaoileadh an creideamh, dar le húghdaraibh áirighthe, in Éirinn roim Phádraig: tugadh agus mínigheadh dos na daoinibh é. Chraobhscaoil na páipéir tréis an chogaidh mhóir cuid mhór rún nár bh'ionmholta do dhéanamh go dtí san: d'fhógradar, d'aithriseadar iad. Na saighdiúiridhe a mhairbh é agus é 'n-a bhráighe aca, chraobhscaoileadar ar a chéile trí phóit: scéidheadar, d'innseadar an cion den mbeart a dhein gach aonne aca. Imthighidh agus craobhscaoilidh an soiscéal don uile chinidh: cuiridh fearta agus brigh an tsoiscéil go soiléir agus go fóirleathanadamhail os chómhair an uile dhreama. Is mithid duit stad, tá do dhóthain craobhscaoilte cheana féin agat: curtha síos ar rud éigin nár chóir duit. Tusa fear craobhscaoilte na Gaedhilge deirtear liom: cloisim gur tusa atá i ndán a fadhba do mhíniughadh.

craodó: *f.4.* suaimhneas, socracht, sástacht, soilgheas, neamhmairg. Ná bac liomsa, táim ar mo chraodó annso, cathaoir bhreágh shocair agam agus bonn mo chos lé teine bhreágh

chroidhearg: ar mo shuaimhneas. Feirmeóir ar chraodó é sin go bhfuil strus a's maoin aige: gan aon cheal. Cathte siar ar chraodó 'sa bholg le gréin, is mór gur seascara beatha an bhacaigh gan de muirearaighe air ach an greim a chuireas 'n-a bhéal, ná an feirmeóir a bhíos 'n-a chnuig ithearach ó cheann ceann na bliadhna: ar neamhmairg. Ag obair liom ar mo chraodó: mar is áil liom féin.

craorac: (**craidhreac**) *a.* dearg, gormdhearg; ar fad, ar fad (buadhfocal). Chaith sé seachtmhain sa bhaile mhór ar a chaoir chraorac gan néal chéille aige ná nóimint meabhrach: ar meisce amach 'samach. Is gearra ar an dteine chraorac san an biadh do bheirbhiughadh: teine go mbíonn na sméaróididhe dearg, te. Drochaimsir atá ar an dtráthnóna anocht, ar bhreithnighis an ghrian chraidhreac (chraorac): chómh dearg le fuil. Chuir sé olc craidhreac orm nuair dubhairt sé go mbrisfeadh sé mo phus: buile throm. An dóigh leat gur cómhartha sláinteamhail air an fhuil chraidhreac atá suas 'n-a cheannaghthaibh?: fuil andhearg agus breis di.

craos: *f.1.* an scórnach ar leathadh; an béal ar oscailt; cuas an bhéile; sainnt; slogadh; ampladh; suthaireacht. Ceann des na seacht bpeacaidhibh marbhthacha seadh craos: iomad sainnte bídh agus dighe: ampladh. Tháinig craos chun dighe air, óir go raibh an tart ag gabháil lastuas de de chionn an ghuirteamais go léir a bhí caithte aige: fonn míochuibheasach. Cheannuigheadar beithidhigh ar an aonach agus craos ortha chúcha: fonn mór ceannuighthe. D'oscail an míol mór a chraos agus shloig sé idir cheann a's chosaibh an máirnéalach: cuas mór ó charbhat go teanga. Chaitheadar an oidhche le craos ar an gcóisir: ag itheadh agus ag gol: ag déanamh scléipe. Gan aon chaduaic do chur air, bhí a chraos ar leathadh chugham: baile agus fíoch air. Annamh do scaoileann sé aon fhocal Gaedhilge tharais gan é d'athnasc ar eagla ná beadh i gceart aige tá a chraos ar leathadh chúiche: mar bheadh béal ainmhidhe fiadhain chun a chreiche do shlogadh: guilm chun foghlumtha air. Mara n-éistir cuirfead do chuid cainnte siar id chraos: cuirfead id thost thu. Tháinig craos cainnte air chugham: chrom sé ar me d'iomdheargadh. "Chonnac ag sábháil fhéir Dé Domhnaigh é" – "léan air! nár imthighidh an craos (na saoghaltachta) riamh air": an fonn ainmheasardha chun an tsaoghail.

craosach: *a.* sainnteach; tugtha d'iomad ithte a's óil; airceach; ampalach; floscach; leathanbhéalach; cuasbhéalach; trodach. Níor chraosaighe chun na dighe é, a's budh mhór é a thart, ná chun an bhídh: sainnteamhail: ag iarraidh breis mhór agus cion aon duine bháin. Lucht na n-ollmhaitheas an dream (drong) craosach gur beag ortha ach rogha sócainidhe: tugtha do dheaghbhiadh dóshásta gan é. Dá luighead mar éan í an fhaoileann is craosach do chaitheann sí a cuid: sloigeann sé a cuid bídh go h-airceach: mar bheadh ocras thar ocras uirthe. Deoch an t-oideas san a's ná hól go craosach é: ól 'n-a bhraon a's 'n-a bhraon é, a's ná caith siar go hobann, ocrach. Dá fhaid bhí sé ag labhairt go craosach i gcoinnibh rinncidhe a's ragairne gheobhadh sé rud lé rádh airís: go fíochmhar, díomholtach, díomheastamhail. "Tír chraosach seadh an Ghearmáin atá ag cóiriughadh do shíor i gcóir cogaidh": trodach: achrannach. Lé hiomad deaghbhídh agus ólacháin tá ceann craosach air: círíneach: fuil-lasta.

craosaire: *f.4.* cineál éisc go mbíonn corp cruinn air agus earball mór cuairsceach, feólmhar; bíonn an coinncín cruinn cromtha, síneann thar an mbéal amach, ionnas ar

mbeith don gcraosaire ar tí a chreiche d'ionnsuighe is éigean do dul ar a dhruim nó ar a chliathán: de ghnáth bíonn na fiacla mór agus i bhfuirm triantáin, uaireannta bíd mín, uaireannta eangaidhe breághtha ionta ar an gciumhais amuigh: bíd 'n-a gcíribh, gach ceann aca laistigh den gceann eile: bíonn an croiceann righin go mórán mionchnámh: iasc an-amplach seadh agus is mór é a shiubhal; is é an craosaire bán an cineál is mó agus is fiadhaine dhíobh agus is minic go mbíonn toirt deich dtroighthe fichead ann: póitire: amplóir: suthaire: duine dian, díoghaltaiseach ar aonnidh. Craosaire fir a íosfadh oiread lé mithil: duine gur deacair a ghoile do shásamh. Craosaire chun ólacháin seadh é, bheadh sé dhá ól go ngeóbhadh sé amach trí n-a shróin: amplóir: duine nár bh'eól do cathain bheadh a dhóthain aige. Dá fhaid beó me níor chuala riamh aon chraosaire chun cainnte agus chun báirseóireachta mar é: duine go mbíonn taisce mhór íde bhéil agus droichtheangan aige. Craosairidhe an domhain uile bailighthe ann, tugtha d'ól, do scléip agus do ragairne: ainmhiantacht, ainmheónach: daoine gur b'é a bhíos uatha ainmhianta na colna d'fhaoineadh nó do shásamh.

craosán: (**cradhsán**) *f.1.* díg mar fhanfadh tréis seanchosáin nó rith uisce go mbíonn fás air mar fhionán (féar cnuic) craobh, etc. Thuiteas i gcradhsán a's me rith ón dtóir a's briseadh mo chos: gearradh clúduighthe gan radharc ná eólas agam air. An bóthar do deineadh ar thaobh an chnuic tá sé 'n-a chéad-chradhsán, toisc gan aire na tuile do thabhairt do: gearrthaidheacha.

craosánach: *a.* (**cradhsánach**) go mbreis gearrthaidheacha nó ciseacha. Bealach cradhsánach atá ag dul isteach ar an bportach, tabhair aire dhod thrucail: lán de chiseachaibh.

craosghalar: *f.1.* (**craoscalar**) galar a thagas ar chuas an bhéil go mbíonn cnapáin bheaga glinngheala ar na beólaibh, ar chuas an bhéil agus ar chanáil na putóige. Bíonn a leigheas so ag aonne ná feacaidh a athair riamh trí phuthanna den anáil i mbéal an ghalaraidhe a's eisean do bheith ar céadlacan. An craoscalar go dtagaidh ort!: (eascuinghe) cuireann sé míoshuaimhneas ar dhuine.

craos-shlogadh: *f.* (*-gtha*) d'itheadh go hamplamhail, míbhéasach. Fuair an soitheach leanna duibhe craos-shlogadh ó lucht an tarta: ól mear, guilmeach. Craos-shlogadh ceart do an gheannc mhór mhuicfheóla úd d'itheadh: itheadh thar meón. Ar an méid uisce a bhí san abhainn is mór an craos-shlogadh don droichead é do bhreith leis: slighe mhór gabhtha leis an uisce. "Ith agus cogain do chuid bídh go mall, réidh", ars an dochtúir, "ní fearrde thu bheith ghá chraos-shlogadh": ghá alpadh: ghá scaoileadh siar 'n-a ailpeannaibh.

crapachán: *f.1.* mairtíneach; aindiseóir; duine neamhéascaidh. Dhein crapachánach anuas ar an dtalamh de lé hiomchar tromualach: chas sé ar a chéile gan brigh, gan lúth. Crapachán chun bóthair seadh é: níl siubhal mear, éadtrom aige. Seachain uaim! a chrapacháin: a dhuine aindeis, fág mo bhealach. An ósbairt a fuair sé dhein crapachán lé n-a mharthain de: mairtíneach.

crapadh: *f.* (*craptha*) seargadh; dul ann; ciorrbhadh; cúbadh; lúbadh; connlughadh. Éadach seadh é go dtiocfaidh crapadh ann: a raghaidh 'n-a chéile: go raghaidh ann: a luigheadóchaidh 'n-a mhéid. Scríobhadh na seandaoine Gaedhling agus crapadh ar mhórán focal aca mar "=" os chionn "a" in ionad "nn": ciorrbhadh. Cad é an crapadh atá ar do ghéagaibh ná béarfá i gceart ar do pheann?: stangthacht: ceal áise éascaidh na lúthach. Oidhche Nodlag i ngiorracht seachtmhaine eile dhuit anois, ní mór an crapadh eile a raghaidh ar an lá: giorra. An gearradh a cuireadh 'n-a láimh do dhein í do chrapadh: cosc ar na féitheannaibh a ndualgas nádúrdha do dhéanamh. Ar nós chách, tá an crapadh ag teacht ionam leis an aois: m'fheithleóga agus mo lúthacha do bheith ag seargadh: bheith ag dul ionta. Díreach ar an uain gcéadna do bhíos ar tí labhartha, ach dheineas crapadh orm féin: chúbas. A's me ag crapadh mo ghlún fúm ghoirtigheas an pláitín ar an gcloich ghéir: ghá lúbadh. Thugas iarracht ar chrapadh chugham ar an suidheachán chun slighe do thabhairt do n-a huile: me féin do chonnlughadh nó do bhailiughadh chun a chéile. Ag crapadh atá, in ionad bheith ag fás, an coirce leis an dtiormach: ag sughadh síos 'on talamh. Ar chrapadh na súl do phléasc splanncacha a's tóirneacha: faid bheidhfeá ag luighe do shúl ar a chéile. Bí ag crapadh ar do chuid airgid: cuir srian leis an slighe atáir ag caitheamh go rórabairneach.

crapaim: *b.a. 7 n-a.* seargaim, téighim ann; connluighim; ciorrbuighim; casaim ar a chéile; cúbaim; cúlaim. Go gcrapaidh an teanga leat mar an ort atá an droichbhéal (eascuinghe): go seargaidh sí! go n-imthighid a luadail! Crap bunaidheacha do thriubhais: iompuigh anáirde iad. B'fholláin dom gur chrapas mo lámh ón madra, mar thug sí snap nimhneach orm: gur chúbas í: gur tairngeas chugham go hobann í. Crap chughat do loirgne, táid sa tslighe orm: connluigh iad: bailigh isteach chughat iad. Crapann téad lé fliuchán: téidheann innte, nó i ngiorracht. Cuir an t-iarann ar mo chasóig, nó crapfaidh sí: tiocfaidh cnapáin innte. Níor thúisce chuir sé a cheann isteach ná chrap sé chuige ar m'fheicsint do gan choinne: chúl sé. Chrap mo chrobhanna a's d'imthigh mo ghreim: d'imthigh lúth a n-áise asta. Fanfad ar mo laetheantaibh saoire go gcrapann an t-airgead orm: go dtéigheann sé an oiread san i luighead a's gurb éigean dom stad. Crapann iarann le teas: téigheann ann i ngiorracht. Táim craptha (crapuighthe) ar a chéile ó bheith im shuidhe ar an dtochta: tá crampaidhe ionam. 'Gen aois tá sé craptha chun talmhan: lúbtha. Chrap adhmad an bhúird mar ná raibh saosúrdha a dhóthain: tháinig cor cam ann. Cú róchraptha as a chosaibh seadh chun aon ráis do bheith innte: neamhscaoilteach: gan luastar éascaidh do bheith ionta.

crapbhéalach: *a.* dothuigse. Focal ní thuigim uait, táir chómh crapbhéalach san: ag monabar: ag cainnt go neamhshoiléir.

crapchluasach: *a.* catach, beagchluasach. Ainmhidhe crapchluasach seadh an cat. "Cad fáth gur tugadh "an Cat" ar an bhfear san?" – "é do bheith crapchluasach".

crapchosach: *a.* mall i gcois. Nách crapchosach atáir ag teacht liom: mall, righin.

crapghéagach: *a.* neamhéascaidh in áis na ngéag. Nách crapghéagach do rámhair: gan buillidhe breághtha fada: neamhlíomhtha: mar duine go mbeadh géaga meathluighthe neamhlíomhtha air.

crapsholas: *f.1.* an amhascarnach, solaslag. Ní raibh ón ré ach crapsholas mar bhí 'n-a ceathramhain dheireannaigh agus bhí scamaill throma uirthe: lagsholas. 'Gen gcrapsholas tréis na gréine do dhul fé ní fhéadfainn meabhrughadh rómham go rómhaith: an lagsholas a bhíos lé feicsint seal beag roim éirghe nó fuineadh gréine.

crapshúileach: *a.* go súilibh doiléire. Bhuail sé chugham isteach, seanduine beag, feósaidhe, crapshúileach gur dheacair amharc d'fhagháil ar a radharc: súile seirgthe aige: iad beagnach mór múchta 'n-a chloigeann.

cré: *b.4.* athchomair bunáiteach go gclaoidhtear leis; faisnéis alt creidimh. Cré na n-aspal: úrnaighe 'n-a ríomhtar go hathchomair creidsin áirighthe. "Paidear ná cré ní abrann sé, acht d'iarraidh na ngéadhann do choimeád soir ón dtigh" (seanamhrán): ní thugann sé é féin d'úrnaighe d'aon tsaghas. Ní bhíonn de phaidir ná de chré aige ach thú: is ort-sa agus ort-sa amháin do bhíonn sé ag síorchainnt.

cré: *b.4.* an úir, an chuid bhog d'uachtar na talmhan tirim oireamhnach d'fhás phlanndaidhe, an ithir; an corp; nádúir. Go dtéighead síos 'on chré ní mhaithfead do an éagcóir do dhein sé orm: síos 'on úir: go dtí go n-adhlacthar me. A dheara, mhuise, budh mhaith an chré dhuine é, is fada go bhfeiceadh sé iomard ná ceanntrom ar a chómharsain gan a fhuascailt: an mianach. Bíonn mo dhá cheann i gcré ó Luan go Satharn d'iarraidh teacht ar gach aon rud do dhéanamh: ag obair ar mo chroidhe díchill gan stad. "Sinne", ars an feirmeóir, "lucht na cré": a chothuigheas an saoghal mór: an dream a bhíos ag cur agus ag baint. Droichithir seadh an chré seo: uachtar ionchurtha, thabharthach na talmhan. Dá mbeadh an bainne in árus cré ní thiocfadh aon bhlas air. Ní bhíonn pípeanna cré chómh flúirseach a's bhídis: cré ghreamuightheach speisialta. Ná bíodh aon eagla ort go dteipfidh an duine úd ort, níl aon chré bhuidhe (an chré ná tugann toradh) ann: mianach feallta ná géillte: tabharfaidh a bhfuil ann: is de a raghaidh. Ní hé mo chré-se in ao'chor gan mo gheallamhaint do chóimhlíonadh: mo nádúir: ní hé sin mianach atá geinte ionam. Tá an chré air (fén gcré): curtha. Ag cur na haithchré suas ar na prátaidhibh: an chuid bhog d'uachtar na talmhan is féidir do bhriseadh a's do shuathadh lé húirlisidhibh curadóireachta. Cré agus cill chughat (eascuinghe): nára fada go n-éagair a's go gcuirtear thu, ar eagla go bhfeictí thu lé gráin ort.

creabhadóir: *f.3.* déirceóir, cnáimhseálaidhe. Faic 'e bharra ní thabharfainn do chreabhadóir mar thu ná déineann rud ach bheith ag síorlorg: bacach loirgtheach: déirceóir díomhaoin. Creabhadóir diabhail seadh é, dá mhéid do thabharfá dho ná beadh sásta: duine a bhíos ag síorghreán.

creabhadóireacht: *b.3.* greántóireacht; cnáimhseáil; míoshástacht gan chúis. Ars an Teachta Dála, "bíonn muinntir an cheanntair seo ag creabhadóireacht ar an Riaghaltas gan stad, is cuma cad iad na maitheasaidhe do bronntar ortha: ag cnáimhseán a's ag lorg a thuilleadh. "An t-aon tréith is eól dom ar mhuinntir na hÉireann", ars an fear díombáidheach, spídeach, "creabhadóireacht agus díomhaointeas": ghá síorcháiseamh féin ar lorg rud ná bíonn tuillte aca.

creach: *b.2.* scrios; dochar; cailleamhaint; argain; an rud go ndéintear tóir air; soghail. Creach mhór bheirt dhreatháir do bháthadh in aon ló: scrios: cailleamhaint: púir. Mhairbh lucht na creiche an fear a thoirmisc ortha a chuid stuic d'árdach leó: lucht airgthe (airgne). "Bhriseas do mhaide, is oth liom" – "mo chreach é": ní fiú biorán a's é. "Mo chreach a's mo chás mar chádhann sé sneachtadh agus sioc/ a's mise a's mo ghrádh i lár na farraige amuigh" (seanamhrán): mo bhrón millteach. Creach mhór dob eadh an cogadh dá dtagadh sé: díobháil thar dhíobhálaibh. Féach ar mo spaga, níl dada ann, tá creach déanta air: foghail: earraidhe nó sealbh do thógaint lé fóiréigean nó ar nós an ghadaidhe. B'áidhbhéil míchriostamhail an chreach do deineadh ar dhá sháipéal dhá chailís airgid do ghoid asta: argain, ceall-argain: gadaidheacht Diamhasluightheach. Mo chreach! a fhaid siar atá mo dhúthchás: fairír! Sé mo chreach mhaidne ná raibh fearas lámhaigh againn, neachtracha ní cuirfí an ruaig orainn: mo chrádh chroidhe. Creach mhaidne air, an cladhaire bitheamhnaigh: lomscriosadh air. Éan creiche seadh an fiolar: éan a ghnídheas tóir ar éanlaithibh eile, etc., chun a chothuighthe féin. "Déanfaidh an cháin seo creach choitcheann orainn" ars an creabhadóir: scrios iomlán ar gach aonne. Sé an chreach choidhche bean mar í do bheith ag imtheacht gan fear: truagh thar thruaghannaibh. An creach leat me bheith goirtighthe?: an truagh leat é? an ngoilleann sé ort?

creachadh: *f.* (*-chta*) (*iol.* creachanna) scriosadh, d'argain, do lomadh, do bhánughadh, do dhísciughadh. Ghod chreachadh féin ataoi leis an dtigh sin: ar mhachtnuighis cad éisteóchaidh (chosnóchaidh) sé ort?: ag cailleamhaint do mhaoine leis gan tairbhe do theacht as choidhche. Creachadh ar an gceanntar so b'eadh teip an éisc – bhíodh a bharra ag an iascaire a's gach dream a bhíodh ghá iondrabháil: dochar: cailleamhaint. Bíonn creachadh na dúthaighe i ndroichshíoltaibh: scrios: olcas. An creachadh do dhein an t-arm ar an dtír le linn an chogaidh ní thiocfaidh uaidh go ceann i bhfad: an lat (lot). Rugas air díreach ag creachadh mo phóca: ag goid as.

creachadóir: *f.3.* scriosadóir; lomuightheóir; gadaidhe; foghlaidhe; sladaidhe. An sionnach creachadóir na gcearc: is é a árduigheas leis iad. Creachadóiridhe seadh an t-iasc so: beireann leis na baoitidhe gan breith air. An bás creachadóir na cinidh daonna: árduigheann leis í luath nó mall. Creachadóiridhe nead éan seadh na garsúin sin: lucht tógtha na n-ubh. Is cuma liom cad deir aonne, creachadóiridhe seadh lucht siopa: baineann siad an oiread airgid as earraidhibh a's nár ghábhadh dhóibh.

creachadóireacht: *b.3.* sluid, scriosadh, bánughadh. "Tréis na creachadóireachta", arsa Speansar, "ní raibh géim bó ná béic leinbh le clos ó Dhún Chaoin go Portláirge": bánughadh: scriosadh an uile rud beó agus strusa. An té a dhein creachadóireacht an tighe: a mhill an tigh, a ghoid as.

creachaill: *b.2.* sail nó treasnán treasna tighe go dtairngeáltar billeóga úrláir nó lochta air; blúire casta fásadhmaid mar gheóbhfí i bportach tréis bháis na coille, fíoghardha, scruibliúnach (duine árd, caol); fear nó bean árd chómh cruaidh le hadhmad; duine gan puinn atá lé fagháil air; duine domhaitheasach. Dá mbeadh sé fé chreachaillidhibh an tighe agam gheóbhfá an rud atá uait agus fáilte: fés na frathachaibh: fé iadhadh an tighe: sa tigh in ao'chor. Creachaill d'fhear chruaidh, láidir a bhí im fhochair ag troid leo: fear árd go raibh brigh ann: taca ar nós na n-adhmadaidhe a choimeádas an lochta gan lúbadh.

Creachaill mhná ná tafantóchadh biadh ort a's ná beadh fáilte aice rómhat: bean dhomhaitheasach, dhúr, dhoichilleach. "Cad é an saghas raice fuairis?" – "creachaill a bhí pollta ó bheith ar an bhfarraige": blúire fada, taithigeach adhmaid, pollta ag an muarach. Tá creachaillidhe maithe fé: cnámha maithe. Éirigh! a's ná bí sínte id chreachaill mar sin: liaghairne: id shlaod gan anam.

creachaim: *b.a.* bánuighim, goidim, scriosaim, argaim; fásuighim, coillim. Tá na sléibhte seo creachta ó chaoiribh, níl ann ach ceann fada fáin: caillte lé haicíd nó imthighthe ar shlighe éigin eile. Chreach Cromaill an ceanntar so le claidheamh a's teine: bhánuigh sé é: níor fhág sé duine, toradh ná maoin bheatha ann. Cé chreach mo phóca? bhí sa déagaibh de scillingidhibh ann a's níl indiu ann ach coróin: cé choill é? cé thóg i nganfhios as? Táim creachta ge cártaidhibh: mo chuid airgid caillte agam ar bheith dhá n-imirt. Iontaoibh leis sin? – chreachfadh san a mháthair: duine táir nár chás leis beart dá sprionnlaitheacht do dhéanamh. Ní chreachfadh sé thu suidhe agus cóngamh do thabhairt dom leis an gceacht so: ní dhéanfadh díobháil duit. Chreach an dubhluachar luach seifteanna na feirmeóiridhe: dhein sé daoine bochta dhíobh. Is iomdha creach is measa liom ná púnt do chaitheamh ameasc mo cháirde: ní chuirim nath in a lithéid do dhéanamh.

creachaire: *f.4.* fic **creachadóir**

creachaireacht: *b.3.* fic **creachadóireacht**

créachlach: *b.3.* fiadhaile. Ní fhásfadh faic ann a's é lán de chréachlaigh.

creachloscadh: *f.* (–ctha) scrios theine. Budh mhór an creachloscadh tigh Bhaile Mhic Fhinn (Bailícín) nuair dóghadh an tigh a's triúr daoine.

créacht: *b.3.* goin, cneadh, lot (lat), foirbh, méiscre, rian, cumar; gearradh, riasta. Créachta a's cnuic an áit seo ar fad: gleannta doimhne, cumaracha. D'fhan an chréacht go lá a bháis treasna a leicne mar ar bhfuair sé stiall claidhimh: an rian: an fhoirbh. Créachta Mhic Ghléigil Dé go saothruighidh an tsíorraidheacht fé shonas dúinn: na gonta d'fhulang Sé ar ár son. Mo chréacht é, an fear bocht, níor mhaith liom san, aon rud d'imtheacht air: mo ghonadh: cuireann a iomard mairg orm. Ní furaiste an cnoc úd do shiubhal ar a bhfuil de chréachtaibh ann tréis na dtuilltidhe: gearrthaidhe(acha). Mo chréachta, é do bheith ar lár choidhche, mar budh ghalánta an fear é: mo bhrón: fairír géar.

créachtach: *a.* gonta, goirtighthe, peacamhail; do thabhairt gon, gráineamhail le hamharc. Créachtach a dhóthain atá sé tréis a ghreasa dóirneála: súil dhubh, srón bhriste, cluas scoiltighthe. An cholann chréachtach: an cholann pheacamhail: an cholann ag dreódhadh. Fuaireas buillidhe créachtacha ó chlochaibh a's ó mhaididhibh: buillidhe a fhág rian a's gortughadh orm.

créachtaidhe: *f.4.* mairtíneach, duine aimilithe, drochchosa. Dheineadar créachtaidhe anuas ar an dtalamh de: ná féadfadh ach siubhal le teannta: duine gan lúth a ghéaga: an

méid créachtaidhthe a bhíodh ag teacht isteach sa h-ósbuidéalaibh ar na trínsidhibh níor bh'fhéidir leis na dochtúiridhibh fritheáilt ortha: saighdiúiridhe gonta.

créachtaim: *b.a.* goirtighim, gonaim. Níor chréachtas an rón leis an mbuille úd, tá sé chómh beó a's bhí riamh: níor ghoirtigheas. Créachadh i bhfiche áit é: gonadh nó goirtigheadh le harm teine nó a mhalairt, nó le hurchar.

créachtmhar: *a.* gonta, rianta, goirtighthe, sleachta. Sé a raibh de bharr an chogaidh ag na saighdiúiridhibh bheith créachtmhar: a bheith goirtighthe.

créadhach: *a.* ithearach, an talamh boguachtarach. Talamh créadhach seadh an gort so: doimhneacht ithearach ann. Cad mhaith smearadh do chur fés na brógaibh seo; beid chómh créadhach tréis an ghuirt tráthnóna a's táid: ithir na talmhan do bheith greamuighthe dhíobh.

creag: *b.2.* (*iol.* creaga, -anna) craig, faill, ball lom. Seachain na creaga nó tuitfir leó: fan ó bheith ag dul ar spearachaibh cloch a's faille. Creag ar fad seadh an cósta annso: carraig mhéiscreach, gharbh: bheith gan cladach mín ná tráigh. Na riastaidhe sin im aghaidh, ó thuiteam ar chreig seadh iad a's me ag lorg phartán i ndaibhcheannaibh: ar chloich mhéiscrigh. Mheath an coirce, tá creaganna ann: baill ná dtáinig sé.

creagán: *f.1.* áit charraigeach, chlochach. Cómhnuigheann sé ar an gCreagán.

creagar: *f.1.* urcail, coileach na luaithe, grullán. Feichide treithir a ghnáthuigheas adhartaidhe a's teinteáin. Tá drochaimsir air, tá an creagar ag labhairt: an feichide beag ag treithear. Bead chómh teólaidhe seascair sa tigh chluthmhair seo a's bheadh creagar i bpoll an adharta.

creanais: *b.2.* seafóididhe, rudaidhe beaga, suaracha; bréagáin; gréithre. Riamh id shúilibh cinn ní fheacaís oiread creanaise do leanbhaidhibh, bréagshaighdiúiridhe beaga, traenacha, etc. agus tá bailighthe isteach sa tsiopa: bréagáin: rudaidhe beaga chun caithimh aimsire. Seómra é sin atá palcuighthe le creanais: gach aon rud dhá chaitheamh isteach leis na bliadhantaibh ann: baill throscáin a's earraidhe gan mhaith caithte i ngabhal a chéile. Bíonn an uile shaghas creanaise dhá dhíol agam ón snáthaid go dtín árus búird: earra. "Ar dhíolais aon phioc ded chreanais, a mhangaire?": comaraitidhe.

creasach: *a.* criosa do bheith air, criosuighthe; teintreach. A Mhuire, nách creasach ataoi go bhfuil na téadáin go gléir id thímcheall: téadáin tímcheall an chuirp i bhfuirm creas. Bíodh t'ualach creasach agat chun ná tuitfeadh sé: bíodh fáisceáin ceangailte 'n-a thímcheall. Soitheach creasach go bhfuil iomad fonnsaidhe air: tímchealluighthe go flúirseach leó. Bhain cruite an chapaill teine chreasach (creasa) as chlochaibh an bhóthair: splanncacha beaga. Dá dteangóthá leis an ineall aibhléise thiocfadh teine chreasach as: splanncacha beaga, dearga.

creat-: *i gcomhfhocalaibh*, -corpach, -ballach. Budh chreatghlan a bhís tréis do laetheanta saoire: scáilmhar i ngné: cuma shláinteamhail ort. Mo thuairm ná déanfadh sé capall

maith, níorbh ainmhidhe creatghlan é: gan a ghéaga do bheith cúmtha, córach. Ní lamháltar do dhaoinibh dul ar snámh creatlom san áit seo: ní mór dóibh culaith: nochtuighthe. Bí ag faire air go bhfaghair deich bpúint ar an mbuin chreatluim sin: bocht: gan feóil ar an asna aice. Cé phósfadh an scrogaire creatbhuidhe: buidhechroicinneach.

creat: *f.3.* fonnadh, luinge carbaid, etc., corp an duine; frathacha tighe; cumadh; deallramh. D'fhág mo chreat gan neart mná seólta: d'fhág mo chorp chómh lag le mnaoi i luigheachán leinbh. Connus tá do chreat a chara?: do chorp, do shláinte. Dá mbeadh sé im chreat in ao'chor dhéanfainn duit é: dá mbeadh ar chumas mo nirt. Ní bheidh sé 'n-a gcreat 'n-a ndiaidh muna mbuadhaid an cluiche: déanfaid a bhfuil ionta. Ar mo chreat! móidighim duit. Budh gheairrid do bhí na saoir leis an dtigh, tá an creat air: tógtha, dóirse, ceann, fuinneóga (ach gan an obair laistigh) réidh, curtha. Le fiche bliadhain tá an long san annsan ar an gcladach 'n-a seanchreat: an chabhail amháin: seólta, crainn, gabháil agus an uile rud istigh innte ar iarraidh. D'íosfadh sé seanchreat caorach mar d'íosfadh feóil dá mhilse: corpán a bheadh ag tosnughadh ar lobhadh. Cion im chreat a bhí agam uirthe: im chroidhe istigh. Lom, seirgthe tréis na breóidhteachta dho gan ann ach an creat: na cnámha, an fonnadh. Á! is cumhra é a creat: is áluinn so-amhairc an deallramh mná í.

creatamhail: *a.* deallramhtach, deaghfhéachain. Bean budh chreatamhla ná í ní raibh ag dul go dtín pobal: budh dheallramhtaighe: b'fhearr crot a's féachaint.

creathach: *a.* corruightheach, neamhshocair; croithteach; luascach; guairneánach; suaidhteach; ball-luascach. Níor deineadh fear creathach riamh díom go dtí anois, eagla mo chroidhe orm roim an bhfarraige sin: neamhshocair i misneach. Bóthar creathach é atá tógtha ar phortach: corruightheach: luaisceach. Nead chreathach atá ag an éan i mbarr an chrainn: sochorruighthe. Caith siar an brannda san, socróchaidh sé do bhalla creathacha: baill atá ag corruighe lé fuacht. Bíonn géaga an duine creathach leis an aois: ag preabarnaigh: an lúth imthighthe asta, ná fanaid socair.

creathadghail: *b.3.* tuargaint, suathadh, luascadh. Ó bheith im sheasamh im stuipéar san áit chéadna a's me fliuch go cnámh tháinig creathadghail fhuachta orm: tháinig tuargaint nó luascadh ball ar mo chreat. Chuir an piléar ag poll mo chluaise creathadghail eagla orm: luaisc baill mo chuirp: do thárla ná fanfadh mo bhaill beatha socair. Bhain an buile do fuaireas sa leathcheann creathadghail asam: crothadh: suathadh. Creathadghail an tsolais ag an ngaoith: léimeadh: neamhshocaireacht. Ó bhí sé sa chogadh mhór tá creathadghail air: tuargaint nó suathadh ball de dheascaibh turraine piléar.

creathán: *f.1.* corruighe nó luascadh ball beatha; neamhshocaireacht. Lé creathán 'n-a láimh ní fhéadfadh sé an t-árus do chur chun a bhéil: neamhshocaireacht: corruighe sall 'sanall. Tháinig creathán orm nuair baineadh preab asam: ní raibh mo bhaill ar mo chumas: bhíodar ag corruighe (ar fuaidreadh dem aindeóin). Cad é an creathán atá ort roim an scrúdughadh: eagla go mbeadh an corp ag léimrigh d'aindeóin an duine. An crot dealbh atá ortha sa cúlshráideannaibh chuirfeadh creathán ort féachaint ortha: míofhonn go mbeadh an corp neamhshocair tríd. Scaoil urchar cruinn fé, ná bíodh aon chreathán id mhéir: corruighe: neamhshocaireacht.

creathánach: *a.* corruighteach; luascach; tuargainteach. Ó cuireadh scannradh air fad ó shoin tá sé creathánach: bíonn a ghéaga ag corruighe: neamhchruinn. Ionad creathánach seadh barr crainn luinge i stoirm: luascach. Níl baoghal air ná gur creathánach an traen í seo, ní fuláir nó níl a máillidhe fáiscighthe mar is ceart: í bheith ag lúbarnaigh 'sag corruighe.

creatlach: *f.1.* an corp; corpán; cabhail tighe, luinge, etc. Oiread agus blúire aráin níl fé chreatlachaibh an tighe: na cheithre fallaidhe loma. Creatlacha seanbhó is mó a bhíos ag an mbrothaire sin: corpáin aindeise. Shuaidh an chasachtach mo chreatlach ó thalamh: mo chorp: mo chabhail. Mo ghradhain do chreatalach is ann atá an teacht aniar: an cholann: compar. Chaith an taoide isteach creatlach árthaigh: cabhail luinge gan crannaibh, seóltaibh ná fearaistidhibh a bhíos laistigh innte 'n-a nuadhacht.

creatúir: *f.3.* beó, dúil dhaonna, dúil bheatha, gein, neach; carbhall ceana nó táire dréir an aidiachta a théigheas leis. Gach creatúir a ionshnámhas ar uachtar na talmhan is é Dia a chruthuigh é: gach aon rud go bhfuil luadar, anam, nó anál ann. An creatúir bocht bheadh truagh agat do n-a dhroichéadach a's creathán leis an bhfuacht ann: duine go mbainfeadh a chlódh maoithneachas ionat do. Creatúir chómh subháilceach a's bhuail riamh ort: duine lághach go mbeadh gean agat do. Mhuise, na creatúiridhe: na daoine iontruaigh. Gach aonne a's a chreatúir féin: an té a ghoillfeadh air. Creatúiridhe an cheanntair: boicht.

créice: *f.4.* truaghán, dúil aindeis. Ag imtheacht ag obair ó dhuine go duine atá sé riamh 'n-a chréice gan subháilceas gan rud dá bhárr: duine aindeis anródhach. Ag bailiughadh airgid do chréicidhibh na gcúlshráideann ná bíonn luid den éadach ortha ná greim le n-itheadh aca: bochtáin aindeise, dhearóile.

creideamh: *f.1.* géilleadh toilteanach na tuigseana, a bhíos bunuighthe ar ughdarás, do chóras bunalt, agus nách d'aon fhírinne aonair amháin; teagasc go gcreidtear ann; muinghin as Dhia máille le creidsin i bhfoillsiughadh; muinghin as Dhia mar Shlánuightheóir. "Aon Tighearna (amháin), aon chreideamh (amháin), aon bhaiste (amháin)". Cá bhfuil do chreideamh ná tabharfá síntiús do naoidhe na déirce?: cá bhfuil do mhuinghhin as a's t'eagla roim Dhia. Tá an iomad d'aitheantaibh an chreidimh aige chun aonne do bhualadh bob air: tá sé róchliste. Deich n-aitheannta Dé agus seacht n-aitheannta an chreidimh (Chaitliocaidhe): órduigthe úghdarásacha. Níl ceal a aitheannta air: is eól do cad is maith dho do dhéanamh. Shéanfadh sé a chreideamh ar phingin: duine gan chobhsaidheacht.

creideamhach: *f.1.* (*iol.* creideamhaigh) duine a bhíos dílis d'fhocal is do theagasc Dé. Creideamhach maith seadh é, chídhtear go mion minic ag dul go dtí an Corp Naomhtha é agus i gcómhnaidhe ag déanamh deaghbheart: duine a chóimhlíonas dlighthe Dé. Lá na ndeór (na breithe) cuirfear na creideamhaigh ar an láimh dheis agus na díthchreideamhaigh ar an láimh chlé: iad so a ghéill do Dhia agus nár ghéill do.

creideamhain(t): *b.3.* géilleadh don rud do cloistear; muinghin iontaoibhe, aonnidh a bheireas meas, cáil do (dhuine); onóir; galántacht; cáirde; eaga díolta (eaga íoctha). Fuaireas na bróga so ar mo chreideamhaint go mbeadh an t-airgead chúcha agam: ar cáirde: eaga díolta. D'imthigh creideamhaint as Shasana ameasc na gCómhacht eile ó aimsir an chogaidh mhóir: an meas agus an mór lé rádh a bhí aice. Sin cainnt ná tabharfainn aon chreideamhaint di mar ná fuil blas na fírinne uirthe: aon ghéilleadh: ní bheadh muinghin agam aiste gurbh fhíor í. Bíonn creideamhaint mhór ag dul d'aon mhac duine bhoicht a éirigheas chómh hárd lé bheith 'n-a bhreitheamh: onóir. Creideamhaint d'aon cheanntar seadh fear chómh meastamhail, maitheasach leis do bheith ann: onóir: cúis mhórdhála. Beart creideamhna dho dob eadh gan aon tor do thabhairt ar lucht a chúlmhasla: beart a bheireas meas agus mórdháil na ndaoine dho. Seasuigheann a chreideamhaint in aon áit a gheóbhadh sé: a mheas: gheóbhadh sé urraim agus cáirde ar son na deaghainme atá air. Ag tarang creideamhna chuige féin b'eadh bhí sé nuair thóg sé air féin mo chúis do thagairt i gcúirt: ag lorg a ainme a's a cháile do mhórughadh mar dhligheadóir mórdtimcheall.

creideamhnach: *a.* galánta, meastamhail, cáileamhail; iontaobha; ionmhuinghine. Budh chreideamhnaighe go mór do dhuine aire do thabhairt dá chúram féin a's gan bac lé cúram aonne eile: budh ghalánta: budh mhó mheasa bheadh tuillte aige: deaghthoil: léighe. Ceannuightheóir creideamhnach ná camfadh pingin ort 'n-a dheighleáil leat: díreach, macánta, meastamhail air féin. Táir creideamhnach agamsa, ná bíodh aon cheal airgid ort: muinghin agam asat go n-íocfair liom aon rud do thugaim ar cáirde dhuit. Bhí a rian air siúd gur dhuine creideamhnach é, féach an tsochraid a bhí aige: mórán daoine ghá leanamhaint cun adhlactha chun a measa do theasbáint.

creidhill: *b.2.* sonnadh clog a baintear le linn sochraide. An cladhaire is beag a shilfidh deóir lá a chreidhille: an lá a hadhlacfar é. Ní fada uaim creidhill mo bháis: teachtaireacht ar mo bhás. Creidhill cheárdchan air, an t-ainscian, an íde is measa a imtheóchadh air tá sé tuillte aige (mallacht uathbhásach). (Deirtear gur seachtar gaibhne a bhí i dtreis, gur marbhuigheadh dreatháir dóibh a's lé gach buille do bhuailidís ar an inneóin go n-agraidís oirbhire Dé ar an té a dhein agus ar bhain leis, gur bh'uathbhásach an íde a imthigh ar an té a dhein agus ar a mhuinntir).

creidim: *b.a.* ₇ *n-a.* smaoinim, machtnuighim, smaoinim go mbí fíor; géillim do; bíonn muinghin agam as. Tá mílte mílte rud ann go gcreidimíd ionta ar úghdarás na ndaoine a labhair ortha nó a scrígh ortha: go ngéillimíd do bheith fíor. Creidim i nDia: géillim go bhfuil Dia ann agus i ngach rud dár mhol Sé dúinn a's dár thoirmisc Sé orainn. Creidim go raghad 'on bhaile mór ambáireach: táim ag smaoineamh ar dhul ann agus ná tiocfaidh aon rud treasna orm chun me do chosc. Chreidfinn tú go maith: ghéillfinn duit go mbeadh an ceart agat dréir mar labhrair. Ní creidte dhuit an scéal san, níl puinn deallraimh air: níor cheart duit géilleadh dho. Duine saonnta a chreideas go fonnmhar an uile scéal do chloiseann sé: a thugas cluas do gach rud: a dhéineas talamh slán de. Dhearbhuigh duine aca ná raibh sé i ngiorracht céad míle do láthair nó cora ar an uain d'áirighthe. "Creidim i nDia", an chuid eile aca: dhearbhuigheadar uile mar é (bréag nó fíor).

creidmheach: *a.* géilleamhail; furaiste lé glacadh leis an rud do chloistear nó do chídhtear; iontaoibheach; dílis i muinghin. Aonne chómh creidmheach (creideamhach) leat i nDia budh chóir duit guidheachtaint leis na marbhaíbh: atá chómh muinghineach as thrócaire Dé agus a ghéilleas dá theagasc. Chómh creideamhach agus is féidir lé peacach, déirceamhail, deaghmhaitheach, tugtha d'úrnaighe agus do theagasc Dé: dílis: leanamhnach.

creidsin(t): *b.2.* $_{7}$ *3.* (*-seana*) muinghin as an rud nách eól go deimhnightheach; an géilleadh do tugtar d'fhaisnéis; géilleadh na haigne as fhaisnéis. Bíodh a chreidsin féin ag gach aonne, ní cóir breith do thabhairt ar shlighe aonne chun Dé: an mhuinghin atá aige as a ghníomharthaibh a's as a thuigsint ionraic féin. "Is beag", ars an toscaire creidimh, "de lucht creidseana Dé amuigh san bhfásaigh fhiadhain mar a bhfuil mo thriall, mar nár craobhscaoileadh focal Dé fós ann": dream go bhfuil eólas ar fhocal Dé aca agus a ghnidheas dá réir. Mo chreidsin-se gurb iad so an dream poilitidheachta is fearr don ndúthaigh: géilleadh dréir mo thuigseana gan chlaon.

creidte: *a.* soichreidte; furaiste géilleadh do thabhairt do. Teachtaireacht chreidte do chuir sé chugham go dtiocfadh sé mar budh mhinic ghá luadh é: gurb fhuraiste a mhachtnamh gur bh'fhíor é. Cainnt inchreidte go bhfuil an plúr árduighthe mar tá stailc i muilltibh déanta an phlúir: gan machtnamh do dhéanamh ar fhírinne nó bhréig an scéil b'fhuraiste teacht leis. Nách doichreidte an duine thu, ná móidighim duit go maireann sé fós a's go rabhas ag cainnt leis: leasc ar ghéilleadh don rud atá fíor. D'áiteófá aonnidh ar leanbh, bíonn an óige soichreidte: éascaidh ar ghabháil le haon rud do chloisfidís. Chuir obainne a bháis an oiread san anabháthaidh orm gur dhoichreidte liom é ar dtúis: budh leasc liom gabháil lé hé do bheith mar sin.

creim: *b.2.* miotughadh; priocaireacht (mar luch nó franncach ar adhmad); caitheamh mar ghnidheann an t-iarann lé meirg; tinneas giobthach. Bír do shíor ag creim orm toisc, dar leat, ná bíonn so ná súd i gceart agam: ag giobadh orm: ga fagháil locht orm. Rud éigin a bhí ag creim ar an mballóig seo go bhfuil poll innte: ag miotughadh: ag baint blúiridheacha beaga aiste. Tiocfaidh creim ar an gcéachda i rith an gheimhridh má fágtar fén sín é: caitheamh le meirg. Creim cnámha atá air nách féidir leis na dochtúiridhibh dul amach air: caitheamh nó dreóghadh. Cuirfidh an deoch fhuar san creim id bholg lá fuar mar seo: tinneas nimheamhail a thagas 'n-a ghathaidhibh. Sin cnámh le creim agat, a mhadra: bheith ghá chogaint a's ghá phriocadh.

creimeartha: *a.r.* priocuighthe lom, snoighte, miotuighthe. Á, mhuise, a mhadra, fágaim fút é, is tú an sás creimeartha cnámh, níl an smior féin fágtha agat ann: á phriocadh go lom. Níor fhágamair cnámh ar bórd ann, leis an ocras, ná go raibh creimeartha againn: miotuighthe chómh lom san a's ná raibh rian feóla 'n-ár ndiaidh ortha.

creimghalar: *f.1.* galar caithteach, snoighteach. Dia idir sinn agus an t-olc, is é an canncar an creimghalar ná fuil leigheas air nuair théigheann sé rófhada: galar a bhíos ag caitheamh roimis an bhaill go n-ionnsaigheann sé é. Creimghalar dúthchais an eitinn aige siúd, sin é ag caitheamh a's ag dul chun síogaidheachta ó bhliadhain bliadhain é: galar atá ghá snoighe diaidh ar ndiaidh.

creimim: *b.a.* miotuighim, priocaim, mionchognaim. Chreim an gadhar an ceann den bhfranncach: rug sé air agus leis an ngreim fiacal do thug air sciob an ceann de. Níor fhág sé thíos ná thuas ort é, idir dhíomholadh agus mhasla, chreim sé an cúl díot: dhein sé suainseán agus tromaidheacht ort. Chreim an scian ó bheith sa chré: tháinig meirg uirthe agus chaith sí. Do chreim an chos go dtín nglúin aige: d'ith sí lé haillsin nó drochghalar.

criadhaire: *f.1.* duine a shaothruigheas an talamh; oibre cré; oireamh; duine tuaithe. Dian a ndóthain bheidh sé ar chriadhairidhibh maireachtaint ambliadhna, mar loibh na tuiltidheacha gach aonnidh sa talamh ortha: feirmeóiridhe. B'shin iad na criadhairidhe gur b'fhiú an ainm iad, féach an fhaid suas ar thaobh na gcnoc do shaothruigheadar: daoine a dhein talamh mín ionchurtha de thalamh gharbh. Níor tugadh criadhaire riamh ar an bhfuairthé: feirmeóir a shuadhfadh an chré chun barraidhe do bhaint aiste.

criadhta: *a.r.* dulta 'n-a chré, iompuighthe 'n-a chré. Níl dem shinnsear annso anois ach an carnán criadhta atá sa roilig sin thoir: clais úire.

criadóir: *f.3.* fear nó duine a dheineas áruistidhe as chréadhannaibh áirighthe cóirighthe. Ní fuláir nó bhíodh criadóiridhe go flúirseach sa tír fad ó shoin mar gheibhtear áruistidhe cré i liosanaibh a's i múchánaibh a's in úineannaibh.

criathar: *f.1.* (7 **-éithir**) (*iol.* créithre, criathracha) árus go mbíonn puill 'n-a bhonn chun scagtha (cátha, etc.) roithleán; bróin nó dlúthas mór mioncheall ceárach a ghnidheas na beacha chun a gcuid meala agus ubh do chongbháil. Is mithid dom sheanbhrógaibh bheith 'n-a gcriathar poll: oiread poll do bheith ionta agus bhíonn ceall ag na beachaibh. Déineadh criathar poll de le piléaraibh sar ar ghéill sé: cuireadh iliomad poll ann. Mar chorruigheann sé an criathar imthigheann an gráinne trí phollaibh a thóna agus an cháth leis an ngaoith: an scaguightheóir arbhair. Is tú teachtaire an chréithir agam: teachtaire dearmhadach nó leadaránach. Criathar meala: árus meala na mbeach. Criathar garbh chun grin: criathar go mbíonn puill cuibheasach mór ann. Criathar mín chun bainne: go pollaibh bíogach cun blúiridheacha miona salair agus ruibidhe do chosc ar ghabháil tríd.

criathrach: *f.1.* fásach, áit doshaothruighthe; féith; bogach; riasc. Thuit sé i bpoll criathraigh agus d'fhan ann: i bpoll portaigh. Criathrach an chuid is mó dem chuid talmhansa ná beathóchadh ach naoscaigh: talamh fliuch gan tairbhe.

criathradh: (**criathairt**) (*–thartha*) scrúdughadh beacht, cruinn; scagadh; siothlánadh. Anois díreach sara dtáinighís isteach seadh bhís dhá chriathairt againn: bhíomair ag cur síos ort: ag trácht ort mar gheall ar rud éigin áirighthe. Gach Domhnach bailighid isteach chughainn agus bíd ag criathairt an uile chúrsa poiblidhe: ag cur agus ag cúiteamh ar luaidheacht a's míoluaidheacht a gconspóide. A bhfuil de leabharthaibh annsan tá criathairt déanta aige ortha: gabhtha tríotha, agus léighte aige. Chaith sé na bliadhanta ag criathairt na tíre ar lorg tuairisce a dhreathár: ag cíoradh: ag síormhionchuardach. An chriathairt do thug na dubhchrónaigh ar an dtigh níor bh'fhiú trí leathphingnidhe 'n-a ndiaidh é: an cuardach a's an caitheamh thall 'sabhfus ar throscán, rothaidhe etc. Déanfad

criathradh (criathairt) maith ar an nGaedhling sara mbím réidh léi: suathadh, cur trí chéile: fiosrughadh, scrúdughadh agus cuardach.

criathradóir: *f.3.* fear déanta criathar; duine a chuarduigheas ar son eolais. Criathradóir maith seanchaidheachta seadh é, chraobhscaoilfeadh sé ar gach cinidh i gCorca Dhuibhne dhuit: dianbhreithnightheóir: duine go bhfuil eólas maith aige uirthe. Criathradóiridhe maithe dob eadh an dream a chuir an stair sin lé chéile: lucht lorgtha eolais agus scagtha cunntais.

criathadóireacht: *b.3.* taighdeadh; cuardach dícheallach i ndiaidh fíre agus bunadhachais. Criathadóireacht fíoreolgaiseach a dhein Tomás Ó Suilleabháin ar stair Chorca Dhuibhne agus an leabhar breágh do chur sé lé chéile. Obair chriathadóireachta a bhíos ar siubhal ag an ollamh úd, agus ní múinteóireacht: obair chuardaigh agus thaighdte.

criathruighim: (**criathraim**) *b.a.* cuarduighim go dícheallach; scrúduighim agus infhiúchaim; líonaim de phollaibh. Chriathruigheadar an chúis lé chéile cheithre huaire i gcúirt: thagradar, phléidheadar: shuathadar. Criathróchad fáth an mharbhtha so, cé diamhair go maith é, níor ghadaidheacht í, ná cúiteamh ná díoghaltas: é do lorg go dian go bhfaghadh míniughadh éigin. Íde ghráineamhail mar siúd; tréis é bheith marbh aca chriathruigheadar lé piléaraibh é: líonadar de phollaibh. Criathruigheadh ó thalamh annso airéir thu: cuireadh tú féin agus do chúrsaidhe trí chéile.

críléis: *b.2.* aoibhneas aigne; caitheamh aimsire. Cuireann sé críléis air bheith ag éisteacht leis an gcraolachán, ar an gcuma a bhíonn a chluas anáirde: caitheamh aimsire: aoibhneas as. Ní críléis ach obair chruaidh bheith ag feirmeóireacht: ní haon tseódh feirmeóireacht.

críléiseach: *a.* meidhreach, tugtha do sheódh a's d'aoibhneas. Rud críléiseach seadh greas maith ceóil: aoibhneas don gcluais. Níor chríléisighe liom aon rud ná cóisir phósta fén dtuaith: budh shoilbhire: budh mheidhrighe.

críne: *b.4.* seanaois; bheith ar aiste sheirgthe. Dhóghaidh an t-adhmad go bog lé n-a chríne: lé n-a bhrisce a's le n-a thriomacht de bharr aoise. Bíodh urraim ag an óige don gcríne: dóibh seo a bhíos aosta. Ní hé a chríne atá ag teacht leis ach aindeise an tsaoghail: aos mór. Thuit an trucail as a chéile lé críne: aiste sheirgthe a thagas lé breis na mbliadhan. (**críneacht**)

crínfhiaclach: *a.* ar aiste na fiacla do bheith fásta go maith. Buachaill crínfhiaclach a dhóthain seadh é chun bheith maith a dóthain: aosta go maith: in aois ná tiocfadh fiacla óga dho.

crínmhíol: *f.1.* (*iol.* –míola) míol a bhíos in adhmad de bharr a aoise; leamhan. D'ith na crínmhíola an doras cheal aoir: leamhain: feichididhe gan sciathánaibh: bíodáin. (míola críona).

críoch: *b.2.* (**crích**) deireadh, teóra, cosc, imeall; ceann scríbe; rún; socrughadh cinnte; socrughadh pósta; toradh; dúthaigh; cóiriughadh; iomartas; meabhrughadh aon ruda; taisce. B'é crích na mbeart nár réidhtigheadar lé chéile: b'é deireadh a n-imtheachta. B'olc an chrích (bháis) a tháinig air, é do mharbhadh go cinneamhnach: an deireadh ar a shaoghal. Ná himthigh thar crích teastóchair ag baile: ná himthigh as an áit. Is fada crích ar réim an Cadhsair: deireadh lé n-a chómhacht. Má bhuailir leis an arm san é goirteóchair é, go gcuirfir ó chrích: fágfair gan mhaith é. 'Gen aois is fada ó chrích é: is fada dho gan bheith i ndán aonnidh do dhéanamh le neart a ghéag. Clann óg atá i bhfad ó chrích iad: i bhfad ó bheith i ndán aon rud tairbheach do dhéanamh lé n-a laige. Níl aon chrích ar an oifig seo, thabharfá an lá ag feitheamh leó sara bhfriothálaid ort: slighe nó córas oibre. Chuiris ó chrích an scian so le bheith ag baint tháirnigidhe léi: tá sí gan mhaitheas dá dheascaibh. Cuir i gcrích an t-airgead san a's ná leigheadh sé ort: cuir in áis éigin é chun sochair do thabhairt chughat. Dá gcuirinn i gcrích mo charabhat, ní raghadh sé amugha: dá gcuirinn i dtaisce é. Chuir sé a chlann i gcrích mhaith, gach duine aca ag cliamhain strusamhail: pósadh iad lé daoinibh go bhfuil ionaid mhaithe mhaireachtana. Dein an obair sin le crích mhaith, go haireach, cúramach: díoghrais aigne a's gnímh d'fhonn na hoibre do bheith ar fheabhas. Sid iad cheithre críche an duine – bás, breith, ifreann a's neamh. "Droichchrích ort!" (oiribhre): go bhfaghair an-bhás. Cuirimís crích ar an dtigh, tá daoine iasachta ag teacht ar cuaird chughainn: slacht: feistiughadh: é do ghlanadh a's do chóiriughadh. Duine neamhghasta gan chrích seadh thu, féach an tslighe aindeis d'fhágais do sheómra id dhiaidh, gach aonnidh soir sall agat: gan feistiughadh: gan slacht. Ag déanamh críche don dtigh atá sé, ná fuil deich scillinge táille ag teacht chuige as a chaitheamh: ag déanamh maitheasa. D'imthigh sé gan chrích a's níor theastuigh sé ó ghaol ná cómhgas i ndeireadh a shaoghail: gan pósadh. Ní fheadar ó thalamh an domhain cad tá orm, tá gach rud ag imtheacht gan chrích orm: aon rud a thairngim orm téigheann sé im choinnibh. Creid mise leis go dtiocfaidh sé i gcrích go mbeidh eitealláin chómh flúirseach le gluaisteánaibh: go dtarlóchaidh san: go dtuitfidh amach. Gheall sé na huirc a's na hairc a's nuair bhí sé ar a chumas a gheallamhna do chóimhlíonadh ní tháinig a chuid cainnte chun críche: níor thárlaidh an rud do gealladh. Dá mbeadh aon chrích orm ní leigfinn mo chuid oibre i léig: dá mbeadh mianach ceart mo mhaitheasa ionam thabharfainn an aire cheart dom ghnóth. Tá na críocha siubhalta aige: mórchuid den dtalamh tirim. De chríochaibh an domhain maoidhid na Púncáin gur b'í a dtír féin is saidhbhre agus is fearr: dúthaighe. Ar an bhfuadar maith atá fé raghaidh crích mhaith air: cruthóchaidh sé go maith: éireóchaidh leis sa tsaoghal. Is iomdha crích budh mheasa do chuirfeá ar do chuid airgid ná é do thabhairt dos na bochtaibh: a chaitheamh: a chur chun áise. "Connus tá an tsláinte aige?" – "níl aon chrích le fada riamh air": níl sé i ndán a chúraim do dhéanamh mar bhíodh. Cathain tháinighis fés na críochachaibh?: ar na ceanntaraibh seo. Críoch na hÉireann an chríoch is buannamhla dhom mar is innte do rugadh me: an tír: an dúthaigh. Fear is measa níl i gcríoch Fáil: i dtír na hÉireann. Beidh muinntir na críche bailighthe go hÁth Cliath Dé Domhnaigh ag féachaint ar chomórtas chraoibhe na hÉireann: na sluaighte as gach áird.

críochnamhail: *a.* gasta, dícheallach; díoghraiseach chun gach ruda do chur chun áise, i dtaisce, i gcoimeád; cnuaisceamhnach, cáiréiseach. Duine críochnamhail chuirfeadh sé daingniughadh ar a dhóirsibh sara dtéigheadh sé a chodladh: aireach: réamhbhreithnightheach. Scuab sí an seómra, nigh sí áruistidhe na maidne, d'aduigh sí

teinteacha agus chuir sí an phroinn i dtreó a bhruithte; d'fhág sí a tigh go críochnamhail 'n-a diaidh sara ndeaghaidh sí ag siopadóireacht: gach aon rud go feistighthe: gan lúb ar lár in aonnidh. Aonne a bhíos críochnamhail i rith a bheatha bíonn rud éigin aige i ndeireadh a shaoghail: a chuireas tharais beagán anois agus airís do chaithfeadh duine eile le neamhshuim. Féach ar a thigh, ar a chróidhtibh, ar a iothlainn a's ar a chlathachaibh; cuirfidh san in iúil duit gur feirmeóir críochnamhail é lé n-a bhfeabhas: feirmeóir ná leigeann don rud leis dul i léig: a choimeádas ar aiste mhaith gach rud go mbíonn a bheatha 'sa shóghacht ag brath air. Budh neamhchríochnamhail an gnóth dhuit an capall mear san d'fhágaint gan aonne n-a bhun, cad dhéanfá dá dtagadh fonn imtheachta air: bheith aireach in aghaidh cinneamhna. Clann chríochnamhail dob eadh gach duine aca san nár leig aon chao riamh ar dhul chun cinn ar bóileagar: tá a rian ortha, tá gach aonne aca go seascair indiu. I leabharlann ní mór na leabhartha a's na h-irisidhe do bheith curtha go críochnamhail ar na siolpaidhibh d'fhonn a bhfagháil gan puinn cuardaigh le linn a dteasdála: go dtionnscalach: réamhchúramach.

críochnamhlacht: *b.3.* díoghrais oibre a's gnótha, slachtmhaire(acht) saothair; gastacht. Lé críochnamhlacht an duine rinne sé a udhacht nuair bhraith sé é féin gan bheith ar fóghnamh: ar eagla go bhfaghadh sé bás gan choinne budh mhian leis gach nidh do bheith in órd cheart i dtaobh a mhaoine. Ní lé críochnamhlacht ach lé bóiléagar d'fhágais an rásúr san fé bhrághaid an leinbh sin gan éifeacht: cúramacht: aire sheachanta. Ní raibh críochnamhlacht lasmuigh dhe: aon rud ná aon chúram gur bhain sé leis do chuir sé chun tairbhe é nó chun a leasa féin: níor thug sé faillighe in aon rud ar bith: dícheallacht. Moladh go mór an leabhar staire lé n-a chríochnamhlacht: feabhas cuardach agus beachtacht a thráchta.

críochnughadh: *f.* (*-uighthe*) do chur deireadh nó críche air; crích (críoch); slachtughadh; cóimhlíonadh; fóirlíonadh; foirceann; dríodar; lándéanamh. Cuireann so críochnughadh ar mo scéal – pósadh iad a's mhaireadar go lantsásta as san amach: deireadh a n-eachtra. I gcríochnughadh an lae ránguigheamair bailtín suarach ná faghaimís ósdaidheacht do dhuine ná d'ainmhidhe ann: i ndeireadh an lae agus an duaidh a lean é. Ní bheinn ag éisteacht leat, mar ná tuigim thu, níor chuiris críochnughadh ar aon scéal riamh: níor innsis ó thóin ceann é go soiléir. Árd-chríochnughadh do chuiris air nuair dubhrais ná beadh duine ag siubhal an cheanntair seo i gcionn dachad bliadhan le holcas an tsaoghail agus déine lucht iarratais (airgid): chuiris an cóiriughadh ciallmhar ceart air. Ní mar a chéile in aon chor tigh do thógaint agus an críochnughadh ceart do bheith air: socair, slachtmhar gan aon locht. Dhearmhadas crampa an ghluaisteáin agus an roth bhreise, cad dhéanfam anois a's poll againn, fág fúm-sa i gcómhnaidhe lé críochnughadh (seanbhlas): aire chúramach do thabhairt go mbeadh gach aon rud in órd i gcóir bóthair. Dhein an dochtúir críochnughadh ar fad liom nách mór, dá olcas a bhíos roimis, ar an ndéanamh do thug sé dhom: mo bhás do bhreith nách mór. Ag déanamh críochnuighthe i gcóir an phósta do chuadhadar chun an atúrnae chun coingheallach do tharang: ullmhughadh: tiargabháil. An fada ó bheith 'n-a shagart é? Bliadhain éile ó n-a chríochnughadh: ó am é bheith réidh chun a óirdnighte. Droichchríochnughadh atá ar an gculaith sin: níl an tslacht cheart déanta uirthe a bheadh ag tailliúir rianta. "Ní ólfad a thuilleadh dhe" – "cuir críochnughadh leis": ól é uile go léir. Cad fuaireas-sa? fuaireas, mhuis, an críochnughadh!: an dríodar!

críochnuighim: *b.a. 7 n-a.* bheirim chun deiridh; fóirlíonaim, saothruighim. Chríochnuighis mar thosnuighis – go holc: níor dheinis faic. Chríochnuigh sé mar ar thosnuigh sé: níor dhein sé faic: thásdáil sé, ach theip air. Críochnóchair leat féin má leanair don ól: cuirfir tú féin chun báis. Críochnuigh amach an obair ó chuiris rómhat í: cuir deireadh léi. Críochnuigheadh leó gur bh'fhearr(a) dhóibh fanacht go maidean go bhfaghaidís breis fáisnéise ar cad budh chirte dhóibh do dhéanamh: thángadar ar an gcómhairle sin. Cár chríochnuigh an namhaid leis?: cár mharbhuigheadar é?

críochnuighthe: *a.r.* ar stáid, deireadh do bheith curtha le; cóimhlíonta; déanta go hiomlán; iomlán; rianta, corónta. Dheineadar amadán críochnuighthe ar a cosaibh de, ag cur misnigh air, é ag tabhairt tabharthaistidhe chúcha, lé súil go bpósadh inghean an tighe é, ach dhiúltuigh sí dho: rianta: corónta. "Is críochnuighthe an ceann aca é", deirtear le haon rud nó duine gur sás maith ar aonnidh áirighthe é, cúlaistín poilitidheachta, bitheamhnach, póitire, acht gur minicighe deirtear é lé droichchéill. "Tréis bheith chúig n-uaire i mbraighdeanas le shluid a's gadaidheacht, ar mbeith do chead a chos aige, lean sé den mbeatha mhalluighthe chéadna; nár bh'é an ceann críochnuighthe é": nár bh'é an bitheamhnach toghtha, rianta, ceapuighthe é. "An raghair ag imirt airís tréis ar chaillis?" – "ní raghad, táim críochnuighthe": táim briste. An bhfuilir críochnuighthe agam?: curtha it éisteacht. Tá an t-iascach críochnuighthe annso: tá deireadh lé fagháil an éisc: tá teipighthe aige. Ar chríochnuighis leis an méid úd feóla?: ar ithis é go léir. Cá bhfuil mo chuid aráin? Chríochnuigh an madra leis: d'árduigh leis a's d'ith. Fan liom leathuairín, bead críochnuighthe chun bóthair: réidh chun gluaiste. Is agat atá an cunntas go críochnuighthe: go hiomlán: deighinnste.

críochnuightheach: *a.* iomlán; foirbhthe; deireannach; tubaisteach. Níor bheag do a raibh fachta aige uatha, ach Tomás is é a thug an buille críochnuightheach do: an buille tubaisteach: a dhein a dhíobháil. Cathain bheidh an cluiche críochnuightheach iománaidheachta ar chraoibh Éireann ann?: an cluiche a shocróchas cén bhuidhean go mbeidh an buadh aice. Saor rianta, feistighteach, fáiscightheach a ghnídheas obair chríochnuightheach: obair iomlán nách gábhadh do shaor eile cur 'n-a diaidh ná slacht ná cóiriughadh do chur uirthe.

críon: *a.* caithte, snoighte le haois; seirgthe, aosta; dreóighteach. Brisfidh an clár san fút, tá sé críon, tá an scabhárd imthighthe as leis an aois. Déanfaidh na préamhacha sceach teine nuair bheid críon: feóidhte. Budh dheacair dul amach ortha ar chnámha fir nó mná iad do bhíodar críon: dreóidhte: an caitheamh dulta ionta. Crann críon nár fhás duilleabhar lé fada air: gan sughlach. An croiceann críon air le breis na mbliadhan: seirgthe: casta ar a chéile: neamhúr: neamhmín.

críonach: *f.1.* adhmad tirim nó dreóidhte; préamhacha láidre planndaidhe a's iad gan sughlach ionta lé faid a mbainte; rudaidhe a bheadh sean-thirim nó i mbéal lobhtha le haois. Bailigh críonach go ndeineann teine dhe: préamhacha a's cipínidhe dreóidhte. Faigh scolb le cur sa teine ná fuil mórán seanchláracha 'n-a gcríonlaigh san iothlainn: ag feódhadh 'sag dreódhadh.

críonadh: [**críonnadh**] *f.* (*-nta*) do dhul in aois nó i bhfeóidheadh (críne). Is mór an críonadh atá tagtha le bliadhantaibh beaga air, ar thugais fé ndeara na ruic atá 'n-a cheannaghthaibh: dul as: dul chun deireadh: cuma aosta. Ná théighir ar iontaoibh na trucallach san le h-ualach trom tá an críonadh tagtha innte: an feóidhiughadh a thagas lé haois.

críon-aibidh: *a.* an-aibidh. Ní aibidh atá an chruithneacht so ach críon-aibidh, nách shin í ag silleadh í: ní fhéadfadh sí bheith níos aibeamhla. Fear críon-aibidh go maith anois seadh is fada an seantáille aige: go tromaosda.

críonaim: (**críonuighim**) [**críonnaim**] *b.a. 7 n-a.* téighim in aois; aibidhim mar adhmad chun a áise. Chríonóchadh sé thu bheith ag itheadh an bhídh thuir chéadna an uile lá: chuirfeadh sé cuma aosta agus an neamhbhríoghmhaireacht a leanas í ort. Críonóchair go maith sara bpósfaidh aonne thu mar nách é gach aonne a gheobhfá do thógfá: druidfir isteach san aos. Cuir an t-adhmad san in áit the agus críonóchaidh sé ann chun áise do bhaint as: aibeóchaidh sé i slighe a's nuair déintear earraidheacht de ná raghaidh ann ná ná cúbfaidh sé. Críonuigheann na mná Spáinneach go luath: feódhaid: tagann cuma na seanbhan ortha. Críonóchaidh do chnámha 'e cheal oibre: tiocfaidh dútaidhe ionta: beid neamhéascaidh le díomhaointeas.

críonlach: *f.1.* sponnc, adhmad nó préamhacha plannda chómh dreóidhte sin a's go ndéanfaidís ionad oile dhuit chun deargtha. Críonlach a bhailigheadh sí ar bhun tuinne a's ameasc na gcladhthach a bhíodh mar adhbhar teine aice 'n-a botháin: cipínidhe a's mionadhmadaidhe ón bhfarraige a's préamhacha sceach a's aitinn feóidhte. Caithfear malairt úrláir do chur sa tseómra so, tá a chláracha 'n-a gcríonlach: an mianach imthighthe le haois asta.

críonna: [**críona**] *a. n-dh.* aosta, glic, cliste, gasta. Céagaibh atá críonna a dhóthain go bhfuil cuimhne aige ar Pheáirneill?: aosta go leór. Bí críonna a's ná caith do chuid in aonfheacht: gaosmhar: glic. Foluigheann an duine críonna náire: an té go mbíonn an gliocas ann lé taithighe na mbliadhan. Lé fiche bliadhain dom ag feirmeóireacht, budh chóir go mbeinn críonna mo dhóthain uirthe anois: taithightheach. "Seán" m'athair, "Dómhnall" a athair sin; b'é Dómhnall m'athair críonna mar sin: athair m'athar nó mo mháthar. Connus tá bhur nduine críonna-sa?: an duine is aosta ar bhur líon tighe. Beag ghnóth ag duine críonna dul chun cocaidheachta (cinn) le duine óg: duine go mbíonn cuid mhaith dá aos tagtha. Dá mbeadh sé chómh seanchríonna lé daoinibh eile bheadh airgead coigilte aige ar ar thuill sé a's ní bheadh a cheal air mar tá: gasta: críochnamhail: aireach, réamhchúramach.

críonnacht: (**crinneacht**) [**críneacht, crínneacht**] *b.3.* sean-aois; faidshaoghal; trufais fheóidhte; gaois, gastacht. Ní bhfaghadh sé aon bheart anois, dá fheabhas sás múinte é, lé n-a chrinneacht: aos mór. Ní raghadh crinneacht na bhfáidh amach air: gaois: breitheamhantas ceart, neamhlochtach. Ní mhaireann daoine anois leis an gcrinneacht chéadna a's mhairidís fadó: seanóireacht: faidshaoghal.

críonthairt: *b.2.* gach aon tsaghas trufaise a bheadh feoidhte. Bailigh a bhfaghair de chríonthairt tímcheall na hiothlann a's cuir mar easair fés na buaibh í: an tuighe thirim atá imthighthe ó itheadh. Críonthairt éadaigh ar fad atá sa chlóistín sin: seanéadaighe feoidhte.

crios: *f.3.* (*iol.* criosa, creasa, creasanna) tímcheall, sursaing, fuathróg, ciorcal; teóchrios. Ní hiongadh dhuit crios do bheith agat a's a n-ithir: tímcheall: coimpléas. Ceirtlín mhór shnátha go bhfuil mórchuid creas uirthe: an casadh do cuirtear tímcheall ar aon rud cruinn, mar liathróid. Téadán a bhíodh tharais aniar mar chrios ag fáscadh a chuid éadaigh air: fáisceán don gcom. Budh mhór a raibh siubhalta aige, do bhí sé ar chreasaibh an domhain: ar theóirintidhibh i gcéin.

crioslach: *f.1.* teóra, bléin fharraige. Chaith sé an lá sínte siar dó féin ar chrioslach an chuain mar a raibh na tonnaidheacha ag briseadh fé n-a bhun síos: teora an chuain. Tá an Ráth Mhór ar chrioslach Chiarraighe a's Chorcaighe: ar an dteórainn eatartha. D'fholuigh sé é féin i gcrioslach na luinge: i mbolg na luinge. Crioslach mór farraige seadh Cuan Fhinn Trágha sé mhíle ar faid ó Rinn na mBárc tímcheall go Baile Mór. Thiar i gcrioslach na mara seadh chuaidh an Teidhteanach ar tóin puill: thiar ar fad i gcorplár na bóchna. Is maith an earra dhuit an stéig fheóla san id chrioslach: istigh id ghoile.

críost: *f.* (*iol.* críostanna, crístínidhe) Mac Dé Ár Slánuightheóir. Éist, a's ná bí ag caitheamh christínidhe: ag eascuinghe: ag glaodhach ar ainm Chríost gan adhbhar.

críostaidhe: *f.4.* duine a chreideas i ndlighe a's i dteagasc Dé mar chraobhscaoiltear dúinn san; peacach; neach; caonaidhe. Ith do chuid bídh mar íosfadh críostaidhe: mar dhéanfadh duine tíorachais: ná bí ag itheadh ar nós an ainmhidhe. Críostaidhe mhic an Luain ní raibh i láthair a bháis: neach ar bith. "An bhfuil aon chríostaidhe annso?" deir duine ghá chur féin in iúil ar theacht isteach i dtigh do a's ná feiceann sé aonne. Bíodh cuma an chríostaidhe ort: bíodh cuma ort mar bheadh ar aonne go mbeadh deallramh a ghnótha air, nó bí béasumhail, deaghmhúinte.

criostal: *f.1.* cloch lógmhar, sholasmhar. Uisce thar bárr é sin chómh geal lé criostal: glan: glinn, glé.

criosúir: (**ciarsúir**) *f.3.* clúdach éadaigh don gceann; blúire síoda, línéadaigh lé caitheamh tímcheall an mhuiníl nó do gcoimeádtar i bpóca chun na haghtha do chuimilt a's do ghlanadh. Ní criosúir póca atá aige ach bairlín: ceann mór groidhe. Ní raibh toirt criosúra de sheól uirthe le méid na gaoithe a bhí ann, ní iomcharóchadh sí é: beagáinín seóil.

crioth: *b.3.* luascadh ball beatha; crithir; luascadh, bogadh; ionfairt, timchrith, baillchrith; suathadh. Chuir fiadhaineacht na farraige ar crioth im chroiceann me: eagla trom: chuir sí mo bhaill beatha ar fuaidreadh. Tháinig crioth chos a's lámh orm nuair d'imthigheas féin agus an gluaisteán leis an ngleann, cheapas go raibh mo ghnóth déanta: d'imthigh cómhacht mo chos a's mo lámh uaim dem aindeóin. Scrios crioth talmhan na céadta tighthe sa chathair, thuiteadar síos i gcréachtaibh na talmhan nuair scoilt sé: luascadh.

Caithfear cairche nó téadán do chur ar chuaille an chraolacháin bíonn sé ar crith leis an ngaoith: ag corruighe go tapaidh sall agus anall. Ní mór ná gur cuireadh an chrioth orm nuair thuit an t-anam tur te as i gcionn mo chos: éagcruas fillteach go leanann gathaidhe fuachta a's beirbhthin diaidh ar ndiaidh é. Othar neamhmisneamhail seadh í go dtagann an chrioth roimis an mbiadh uirthe: neamhfhonn. Gach uair do théighim isteach 'on ghluaisteán ait sin tagann an chrioth orm: gabhann eagla roimpe me dem aindeóin. Bhainis crioth asam leis an mbéic do leigis orm: luaisc mo bhaill leis an bpreib obann. Cuireann an béal salach atá air creathaidhe orm: náire mhór. Tháinig creathaidhe air chuige: a bhaill ar luascadh le feirg.

criothaim: *b.a. 7 n-a.* corruighim go mear, fuaidreach, luaiscim. Criothaim rómhat: tagann eagla orm rómhat. Chrioth gach cóch an tigh go raibh mion-ghrean, smúit agus aol ag imtheacht des na fallaidhibh: chorruigh sé na fallaidhe ar an bhfotha. Criothann an tóirneach an spéir: luaisceann sí go h-áidhbhéil an t-aer ós ár gcionn. Má chriothair roimis an scrúdughadh, éirigh as: má chuireann sé oiread eagla ort a's go gcaillir do mhisneach. Chriothfadh an drochaimsir seo duine is fuilingthighe ná duine críon mar mise: shuadhfadh é.

criothán: *f.1.* scur nó maolughadh mór ar luadhail thoilteanaigh in aon bhall den gcolainn nó ar na mothálaibh; pairilis; leithris mharbh. Connus scríobhfadh sé go dlúth agus criothán 'n-a láimh: corruighe luadhala, d'aindeóin na tola nó cómhacht an duine ar a bhallaibh beatha. Ná bíodh aon chriothán ort in aon áit dá ngeobhair: bíodh misneach agat. Tháinig criothán 'n-a glór lé líonrith: corruighe neamhnádúrdha lé suathadh aigne de dheascaibh ceal taithighe b'fhéidir.

criothfhuar: *a.* anfhuar. Lá criothfhuar cloichshneachtaidh adtuaidh a gheóbhadh isteach trí chlár daraighe: lá nimheamhail: lá anfhuar ar fad.

criothnughadh: (**crithniughadh**) *f.* (*-ighthe*) eagla, imeagla, uamhan, scannradh. Féachaint air ní fhéadfainn lé crithniughadh, bhí íde mharbhtha chómh gráineamhail sin tugtha air: uamhan: alltacht: scannradh saoghalta. Cuireann do dhroichscéal crithniughadh orm: eagla: anabhádhadh. Duine ná deamhan ní chuirfeadh crithniughadh ar an bhfear cuthaigh seo: eagla ná faitchíos. Crithniughadh seadh é ar aon rud: an tslighe do dhéineann sé aon rud in ao'chor chuirfeadh sé suathadh ort le n-a neamhghnás.

crístín: *f.* feic **Críost**

critheagla: *b.4.* imeagla, eagla thar eagla. Ar tharang na scine dho ghaibh critheagla me go sáthfadh sé fear éigin againn: eagla á luaisc me. Leis an uchtach a bhí aige a's é ag seanmóin ar phiantaibh ifrinn chuirfeadh sé critheagla ort: scannradh uathbhásach a shuadhfadh duine.

crithir: *b.2. 7 5.* (*-threach*) splannc obann as an dteine; dlúthas, splannc mar éirigheann as theine cheárdchan nuair séidtear í; féith; bogach; grogadh; stad. Luisne 'n-a gruadh ar nós crithir cheárdchan: lasadh mór lé mánlacht. Id threósa atá an chrithir, "tá airgead chughat": piseóg é seo go gcreidtear go bhfuil airgead le tuiteam ar an té go gcnagann an

teine ’n-a threó ’n-a splanncachaibh beaga, dearga. Cad air go dtabharfá talamh maith? nách crithir fhliuch a fhurmhór: talamh fuaiscealach: talamh báidhte: talamh lán d’fhéitheannaibh. Buaileadh im aigne ná héireóchadh liom lé tábhacht na hoibre a bhí rómham agus tháinig crithir orm: tháinig grogadh ionam: neamhfhonn tabhairt fúithe. Budh chuma leis olc nó maith an deoch, leis an íota a bhí air thug sé fúithe gan chrithir: gan stad chun machtnaimh. Tagann aicíd ar chaoiribh go dtugtar crithir fhola uirthe: galar a thagas le n-iomad feóla ortha. Idir Nodlaig agus Lá Féile Ghobnait (an t-ochtmhadh lá d’Fheabhra) go mórmhór lé haimsir gaoithe anoir. Na cómharthaidhe a leanas í – prioslaidhe as a mbéal.

cró: *f.4.* fuil ’n-a slaodaibh; fuil théachtuighthe. Sádhadh é, a’s thug sé cró a chlí sar ar ráinigh an dochtúir: fuil a chroidhe. Dhein na Seapánaigh cosair chró de mhórchuid de phobal na cathrach nuair ghabhadar í: mharbhuigheadar fútha a’s thársa, agus d’fhágadar na daoine ’n-a gcarnaibh fuilteacha. Aon réidhteach níor deineadh i gCúirt ná eile air, ar feadh i bhfad, do bhí an scéal i gcosair chró gur shocruigheadar eatartha féin: gan socrughadh.

cró: (**crú**) *b.3.* fuil, pór, treabh. Thug sé cró a chroidhe ar son a dhúthaighe: a chuid fola. De chró na bhfear maith seadh é, níl aon chré bhuidhe ná meathtacht ann: de threibh: d’fhuil. Thabharfadh sé cró a chlí dhuit: aon rud a b’fhéidir leis a bheadh aige: an braon déidheannach dá chuid fola. A’s dá maireann go dubhach dem chrú: dem mhuinntir.

crobh: *f.1.* (*iol.* crobhanna) mág; an lámh ón righe amach; mám, lán glaice, ladhar; raidhse. Lan mo chruibh de ghearrchaile bheag, meathluighthe: oiread an frighe. A oiread ní gheóbhadh tharais gan a chraobh do chur ann: gan lámhaidheacht éigin do bheith aige ann. Adfhocal ar dhuine spiachach é seo: duine a shádhadhas a cheann i gcúrsaidhibh ná baineann leis duine toirmeascach, teasardhanach. Scaoil sé crobh airgid bháin amach ar an gconntabhairt agus dubhairt na ciotaidhe do líonadh amach don gcuideachtain: mám: clais. Bróga gan aon tairnge ionta a bhíos orm, shleamhnuigheas ar an dtalamh bog a’s tógadh mo chruibh anáirde: treascaradh ar mo dhrom me go raibh mo ghéaga a’s mo chosa san aer. B’shin urchar cruinn - thugais cruibh an tsionnaigh anáirde: chuiris deireadh leis: mharbhuighis é. Fuair sé isteach ’n-a chrobh gach aon phingin de chúig céad púnt as an ósbairt d’éirigh do: in a airgead síos. Mara bhfaghad an t-airgead isteach im chrobh ní bheidh aon deighleáil agam leis: me do dhíol roim ré. Crobh cam-ingneach a bhíos ar an bhfiolar: mág. Bíodh do chrobh ann: bí rannpháirteach: bíodh do chion agat. Crobh ná ladhar ní bheidh agam id ghnóthaidhibh: baint ar bith. Díreach agus me ag súngcáil chuir máirnéalach aca crobh ionam a’s thairng chuige me: greim daingean méar. “Is fearr éan sa chrobh ná dhá éan ar an gcraoibh” (seanfhocal): is fearr an rud go bhfuilir deimhnightheach de ná a dhá oiread ná fuilir. Lé méid mo chrobhann ní bhfaghainn aon laimhne d’oireamhnadh me: méid mo bhas is mo mhéar. Choingbheóchadh sé greim a lúbfadh crúdh capaill duit leis an gcrobhneart a bhí ann: neart géag. Beidh crobh mór daoine ar an sráid: cuid mhaith

crobhaire: *f.4.* fear talcmhar, talmhaidhe. Crobhaire i mbéal báire (báide) gur deacair an ball do chur air: imirtheóir gur deacair a shárughadh lé n-a neart agus lé n-a bhuanchas. Crobhairidhe fear go raibh fulang aca ar fhuacht, anacra a’s troid dob eadh na Géadhanna

Fiadhaine: fir acfuinneacha, dhochaithte. Mo sheasamh ort, a chrobhaire: a dhuine go bhfuil fulang ged neart ar strus do chur air. Crobhaire mná a thógfadh ualach fir: bean acfuinneach go mbíonn gnóth a's cúram innte.

crobhnasc: *f.1.* cuibhreach dos na rathachaibh mar cuirtear ar bhráighe. Níor fágadh luadar mo ghéag agam nuair cuireadh crobhnasc orm ghom bhreith chun an bhráca (beairice): nuair cuibhrigheadh me lé glas iarrnaidhe.

crobhnascaim: *b.a.* ceanglaim nó cuibhrighim géaga duine. Crobhnascadh gach aon bheirt bhráigheann (príosúnach) dá chéile chun ná beadh cead teichte aca: ceangladh righe dhuine aca de righe duine eile. Bím chómh crobhnasctha (crobhnascuighthe) san ge ceann tighe gur i ganfhios do thugaim aonnidh ar cáirde: bac agus cosc curtha aige liom: de cheal saoirse.

crobhscaoilte: *a. n-dh.* fial, sconnabheartach, laimhthighiseach; bog fé chuid. Amadántaidheacht seadh bheith crobhscaoilte do shíor mar bíonn an tsainnt ag tnúth le bob do bhualadh ar an té a bhíos mar sin: fial sé n-a chuid. Ag baile ní fiú faic é, as baile ní bhuailfeadh aonne is crobhscaoilte leat ná é, thafantóchadh sé biadh a's deoch ort: is laimhtighisighe: gur fonnmhaire leis a chuid do chaitheamh gan dochma. "Tá daoine sa pharóiste seo", ars an sagart "go bhfuil réal de shraith na Nodlag agam ortha fós, nách neamhchrobhscaoilte na críostaidhthe iad": neamhlaimhthighiseach: creagairidhe gur deacair leó scaramhaint le h-airgead. An deascán do bailigheadh do mhuireasaibh na ndaoine do bádhadh foillsigheann sé go bhfuiltear crobhscaoilte ar fuaid na hÉireann: sconnabheartach, fial, mórchroidheach.

crobhscaoilteacht: *b.3.* féile, laimhthighis(eacht); sconnabheartacht. Ní lé n-a chrobhscaoilteacht do thug sé aon tsíntiús uaidh ach le náire bheith cor lé n-a chómharsanaibh: féile: brisceadh scaramhna a choda. Budh cheart dom do bheith buidheach, beannachtach do dheónughadh Dé fé n-a chrobhscaoilteacht, mar is iomdha tabharthas, sláinte agus maoin atá bronnta aige orm: féile: flúirse agus fairsinge tabhartha dhom.

croch: *b.2.* (*iol.* –a agus -anna) gléas chun coirptheach do crochadh nó do cheangal ar an muinéal gan taca cos; do leigeant greamuighthe ar silleadh; crann go mbíonn géag amach as a bharr, feistighthe cois adharta chun corcán, oighean, etc. do choimeád ar silleadh os cionn teine. An chroch do stáitse mara n-atharruighir do bhearta: sé do dhán an sealán. Dá mbeadh "an chroch sa doras iadhta" raghainn 'n-a threis: dá mbeadh an chroch chómh hathchomair sin dom thásdálfainn an rud atá im aigne gan í do chur aon eagla orm. A bhitheamhnaigh na croiche, shluidfeá mo phóca!: duine go mbeadh a chrochadh tuillte aige. "An chroch do thabharfainn duit-se", deirtear le duine nár bh'fhiú leat faic do thabhairt do ná gur chuma leat cad í an íde d'imtheóchadh air. De dheascaibh an bhróin a luigh ar a croidhe tháinig dath na croiche uirthe (dath chómh dubh leis an gcroich): dubh: smuirteach ag an sughadh. Mo mheas air ná saorfainn ón gcroich é: beagmheas. Dá saoradh sé ón gcroich me, nách bocht an scéal agam é ná féadfainn púnt do tharang chugham: fíorbhocht ar fad. Raghainn 'on chroich id dhiaidh: ní choiscfeadh faic ná aon chómhacht mé ar dhul id dhiaidh le fonn. Raghadh cat 'on chroich chun éisc úir: bíonn sé

dúlmhar ann. Cuirfidh an fear san chun na croiche thu má bhír ag déanamh rud air: déanfaidh sé do bhascadh. "Fan as an gcroich", deirim leat: crochfar thu má leanair des na feádhannaibh atá fút. Croch a's gad chughat: croch a's sealán go gcuiridh deireadh leat. Cuir do hata ar chroich éigin: ar chrúca: bacán. Ár Slánuightheóir a céasadh ar chrann na croiche: crann na croise.

crochadh: *f.* (*-chtha*) do leigeant ar silleadh anuas i ngreim (anáirde), go mórmhór silleadh as an muineál mar iomard báis. A chrochadh budh chóir: sin é slighe bháis atá tuillte aige as droichbheart éigin nó gníomharthaibh míchearta. Aonne a mharbhuigheas neach bíonn coir a chrochta air: cionnta an sealán do thabhairt do. "Crochadh árd chughat lá gaoithe": bás agus tuargaint mar gheobhadh duine ar an aiste sin. Scaoil sé an mhala ar crochadh liom: scoilt sé croiceann, mo mhalan a's anuas ar silleadh léi. Crochadh chughat a thug mo chuid aráin leat: an droichíde sin ort. Cuir do chasóg ar crochadh ar chúl an dorais: greamuigh ar chrúca nó tairnge nó rud éigin í ná tuitfidh, a's go bhfanfaidh ar silleadh. Cad thárlaidh dod chois go bhfuil sí ar crochadh leat: go bhfuil sí gan lúth. Duine críochnamhail an fear san gur beag duine a gheóbhas aonnidh ar crochadh leis: ar bóiléagar. Lean duine éigin eile, ná bí ar crochadh liom-sa: ghom leanamhaint 'sag brath orm. Is iomdha rud ar crochadh fós leis an dtigh: is fada ó bheith réidh é: críochnuighthe chun cómhnuighthe ann. "Beidh do chrochadh air", deirtear le duine a thugas faillighe i ngnóth budh cheart do do dhéanamh.

crochaim: *b.a. 7 n-a.* leigim ar silleadh (le); céasaim; cuirim chun báis le sealán do chur tímcheall an mhuiníl. "Chrochfadh san ar leathphingne thu": deirtear ag tagairt do sprionnlaitheacht. Croch an tualán (citeal) ar an dteine: cuir ar silleadh as an gcroich é. Chonnaicís me ag goid, ná croch me: ná scéidh orm. Chrochas a lámh a's é chun an fhir do bhualadh: staonas í: choisceas é ar an mbuille do thabhairt. Ceal cloch do chroch an obair seo: do staon ar feadh tamaill í. "Croch do lámh leat", ars an dochtúir, "go n-imthighidh an t-at aiste": cuir i bhfáisceadán í agus coingibh árduighthe anáirde léd chabhail í. Nuair himirtear an cárta déidheanach as láimh dhuine agus go mbíonn a bhualadh ag imirtheóir eile deir an chéad duine – "táim crochta agat": sé sin go raibh rith an ráis leis mara mbeadh san. Duine me ná crochfadh choidhche thu: ná hinnseóchadh do rún d'aonne eile. "Is minic do crochadh duine san éagcóir" (seanfhocal): is minic do tugadh breith mhícheart ar dhuine. "Chrochfainn me féin ar dtúis", deirtear chun a chur in iúil gur bh'fhearr leat rud ar bith do dhéanamh sara ndéanfá an rud go bhfuil tagairt do. Chrochadar féin a chéile: scéidheadar ar a chéile. Crochfar thu: scéidhfidh duine éigin ort. Chroch sé m'aon (cártaidhe) leis an gCuireata ar deireadh: bhuail é: rug i lúib air nár bh'fhéidir é do shaoradh uaidh. Chrochfainn thu, a thruagháin (trufán): bhuailfinn lúb théadán ort.

crochaire: *f.4.* coirptheach; ainscian; díolamhanach (cam); droichtheangbhálaidhe; cealgaire, brathadóir; feallaire suarach, ropaire, allfraits. Níor mhóide leat "duine uasal" do thabhairt orm ná "crochaire" dá mbeadh aon rud im choinnibh agat: drochdhuine a dhéanfadh aonnidh. An crochaire bitheamhnaigh, a bheadh ag dul isteach di bhéal a's bheadh ag déanamh do dhíobhála laistiar díot: duine fealltamhail neamh-iontaoibheach. Chuaidh sé agus d'inns sé, an crochaire, gach aonnidh a bhí ar eólas rúin aige: duine ná cuirfeadh oiread suime díreach id dhíobháil agus dheineann an té a chuireas an sealán fén

muineál: brathadóir. Budh mhithid breith ar an gcrochaire, is mór do chuid na ndaoine go cam aige: lúbaire. Crochairidhe éigin a bhuail ar an sráid leis a mheall a chuid airgid uaidh: cladhairidhe míomhacánta. Nách é an crochaire é a's a rádh liom go rabhais ar mo lorg a's gan tu: feallaire suarach. Crochairidhe caorach (ba etc.): ainmhidhthe nách féidir do chongbháil as fhoghail gan fanamhaint ghá bhfaire. A thúisce gheibheann sé an lom orm deineann sé rud éigin orm, an crochaire: duine a bhíos ag faire ar chao díobhála do dhéanamh. "Is tú crochaire an ghaid": duine nách féidir na cosa do bhreith uaidh le camghliocas.

crochaireacht: *b.3.* slighe an chrochaire, urchóideacht, cladhaireacht, coirptheacht. Is beag ded chuid crochaireacht bheith ag magadh fúm: ded chladhaireacht: suaraidheacht: an rud do dhéanfadh duine táir gan mheas air féin. Rith a chrochaireacht leis go dtí gur rugadh air béal na gclár ag goid: a chuid lúbaireachta: urchóideacht. Tá crochaireacht 'n-a shúil da sileadh sé an deóir dhéidheanach ar do shon: feall laistiar dá mhaoithneachas. Lé crochaireacht a shúl do mheall sé í: allfraitsidheacht: ropaireacht: meang: ní dréir sileadh na súl a bhí a aigne léi. Faid agus bhí sé ag cainnt liom bhí a lámh im phóca aige, nár mhór an chrochaireacht do é: an allfraitsidheacht: gníomh táir, fuathmhar, déistinneach.

crochta: *a. n-dh.* ar silleadh, céasta; curtha chun báis le crochadh; stangtha, dolúbtha. An crochta atá do ghéaga ná béarfá ar an ngloinne sin as mo láimh?: strampálta: stangtha: stalcuighthe: teanntuighthe. Talamh crochta gur deacair a threabhadh seadh an leicne seo: géar: fánaidh mhór leis. Labhrair róchrochta liom as Béarla, níl taithighe agam air: go grod, pras, doiléir. Nách crochta an teanga atá aice?: is deacair a húrlabhra do thuigsint le teinne nó blas neamhghnáth. An crochta atá an teanga leat (ionat) ná cloiseann aonne ag cainnt thu?: an cosc éigin atá uirthe, ná fuil a háis cheart agat? Siubhlann sé crochta as a chosaibh: ní lúbaid go líomhtha, seólta leis.

cródh: *f.1.* (*iol.* cróidhte, ródhanna) loch; gabhann; dúnadh; súil snáthaide; log; comórtais mar bheadh in iomarascáil nó i ndórnáil; corr, bothán; an lúb ceangailte a bhíos ar arm. "Ag déanamh an chródh roim na hairc" (seanfhocal): ag déanamh cuirr nó botháin sara saoghaluightear na banbhaidhe. "Is deacra don gcamall gabháil trí chródh na snáthaide ná don bhfíréan dul ar neamh": an poll a bhíos i gcúl na snáthaide mar a sáidhtear an snáithín. B'fhearr liom bheith im chómhnaidhe i gcródh cearc ná ann mar thigh: tigh suarach go bhfuil tagairt do. Dá bheathuightheacht duine is beag riamh a cheangail i gCródh na Snáthaide (fuinneóg chaol i seaneaglais Chille Mhic Eadair). Gheóbhadh sé trí chródh snáthaide dhuit lé n-a thoirt, an t-iasc atá ann anois: iasc seang, caol. Gheobhadh sé trí chródh snáthaide dhuit le fuinneamh: lé méid a shiubhail. Chuirfeadh sé piléar trí chródh snáthaide: urchar cruinn, neamhtheipightheach do bheith aige. "An Cródh Mór" ar an Oileán Tiar: saghas cathrach mar a raibh bailiughadh tighthe i bhfuirm luic. Cródh capaill, cearc, gabhar, bó, muc, caorach etc. Ní raghadh an piléar sa ghunna bhí an cródh róchumhang: an poll cruinn. Cuir cródh beag sa chipín agus ceangail an eochair den gcóirdín: poll beag.

cródh: *f.1.* sparra fada caol, cruaidh, iarrain go mbaintear áis mar luastar nó luamhán as chun cloch do chur as a n-ionad a's ualaighe do bhogadh; poll baraille gunna; fear árd, righinchnámhach, láidir. "Séamas an Chródh": Séamas mac an fhir láidir go raibh "an

cródh" mar leasainm air. D'iomcharóchadh a ghéaga san oiread lé cródh: tagairt do neart a ghéag. Cheangail an piléar i gcródh an ghunna.

cródha: *a. n-dh.* gaisceamhail, curata, calma, tréan; lonnardha, niamhdha, ruithneach. Déanfaidh an mhóin sin teine chródha, tá sí tirim, dubh: teine go mbeidh teas a's lonnardhacht innte. Ar thugais fé ndeara an dath cródha atá ar an bhfáinne atá ar a méir, éirigheann scáil as?: an dath glé, glinn, lonnardha. Dé bheatha-sa, a dhuine chródha, tá na trucailidhe fáilte rómhat: a dhuine gur toil linn tu. Ní fhéadfadh neach a shéanadh ná gur cródha an seasamh do dhein an Ghearmáin in aghaidh an oiread san tránais: gaisceamhail. Caithfir cur chun rámhaidheachta níos cródha na basadghal chun dulta i gcoinnibh na gaoithe sin: níos calma: le breis nirt agus deallraimh. Leag sé an gaiscidheach leis an gcor cródha do thug sé dho: léidmheach: tailcláidir: lánneartmhar.

cródhacht: *b.3.* calmacht, tréine, buancas agus neart. Ní fear gan cródhacht a thug fé leómhan do throid: calmacht: dáine agus misneach. Bronnadh bonn óir air de chionn a chródhacht dul i gconntabhairt a bháis chun triúr do shaoradh ó bhádhadh: misneach, neamheaglacht. A gcródhacht féin a sheasaimh dóibh a's níor bh'é a gcuid airm, mar is iad a bhí go dealbh fútha: ceal dochma roim chiotaighe a n-arm ortha ná breis an nirt do bheith ag lucht an tránais. Cródhacht na gile gréine a bhíos ann, dá gcloisfeá ag maoidheamh é, nuair ná bíonn an namhaid athchomair do: blomas: áidhbhéis gaisce: taidhbhse. Cá ngeóbhadh cródhacht na bhfear? chaithfeadh a dtréine í féin do chur in iúil i ngníomh maith. Thógfadh cródhacht na cathrach do chroidhe um Nodlaig ar ghabháil ameasc radharcann na sráideann: gléine agus breághthacht na ndath a's na soillse.

crogaile: *f.4.* ainmhidhe nó duine lagbhrigheach; marbhán. A chrogaile, luathuigh nó ní bheidh faic críochnuighthe go hoidhche agat: a dhuine gan anam. Dá bhfeictheá an crogaile capaill atá aige tréis an gheimhridh 'n-a leaththroscadh, ní leigfeadh peaca dhuit é do ghabháil: fannlag.

croibhín: *f.4.* mág nó lapa beag. Mo ghradhain é, chuirfeadh sé truagh agat do, na croibhínidhe atá air, snoighthe gen mbreóidhtigh: na crobhanna bheith caithte, cnaoidhte. Léan air! an rud gorach, níor thug sé croibhín féir dhom dom asal: oiread féir agus bhéarfá id ghlaic leat.

croiceann: *f.1.* cneas an duine, seithe ainmhidhe; an choirt lasmuigh ar chrainn nó ar phlannda; scughadh toraidh, mar ubhall, oráiste, etc.; uachtar (talmhan); deallramh. Fuaireas cuid mhaith ar cáirde cheana uaidh, ní bheadh sé de chroiceann orm lorg airís air: ní bheadh sé de dhánaidheacht ionam. "Tá an croiceann 'sa luach anois agat" (Seanfhocal): "é bheith 'n-a mheadhg a's 'n-a ghruth aige": a bharr do bheith agat ar gach cuma. Sin mar dubhradh le duine a bhí ag dul ar mhargadh, sé sin an olann a bhí ar an seithe do dhíol agus an seithe do bhreith abhaile. Creid me ná heiteóchainn tú dá mbeadh t'éileamh ó chroiceann amach agam: in ao'chor, in ao'chor. Fliuchadh go croiceann me a's fuaireas fuacht: fuaireas fliuchadh mór. Tá na beithidhigh sin ag teacht chun croicinn: cothughadh ag teacht ortha. Inns-se "An Giolla Deacair" is tú is fearr chun croicinn do chur air, mar is tú is minicidhe a chualaidh é: "blas agus dath" do chur air: is fearr aithris. Budh gheairrid an mhoill air, nuair bhí aonnidh aige, an croiceann do bhaint de scilling: í

do chaitheamh gan cruadhas croidhe. Beithidhigh a bhí i gcroiceann mhaith bhí glaodhach a's luach maith ortha: reamhar, cothuighthe: ar aiste mhaith. Bhainfeadh an oidhche anocht an croiceann de chat lé nimh a's clochsneachtadh: d'fheannfadh an fuacht atá ann cat. Sin scéal go ngéillfinn do, mar tá croiceann na fírinne air: deallramh nó cosamhlacht inchreidte. Connus táir, ní gábhadh dhom a fhiafruighe dhíot, ach féachaint ort, táir ag dul as do chroiceann le sláinte: ar aiste iongtach. Tháinig an oiread san uilc air chugham go raibh gach léim as a chroiceann aige chun mo bhuailte: ar preabarnaigh le haonach a's buile. An té a gheibheas a chomhthrom bídh, is sláinte dá réir, bíonn sé ag dul amach as a chroiceann: spirid mhaith, láidir, misneamhail. Dar leis go raibh an croiceann chómh bog san orm a's go malartóchainn bróga amach as an ndeil ar bhrógaibh athchaithte: do mhealladh: púicín do chur orm: bob do bhualadh orm. Go bhfaghfá aon rud ón bhfear san, go bhfuil an croiceann chómh righin lé gad air, ar sladmhargadh, bheadh dearmhad ort: duine gur deacair margáintidhe do dhéanamh leis. D'aithneóchainn ar an gcroiceann atá ar an dtalamh san go bhfuil cré mhaith ann: an t-uachtar. "Éadach cnis" do tugtar ar an éadach a bhíos lé croiceann dhuine. An amhlaidh do mheasfá an croiceann do bhaint díom a's bheith d'iarraidh leathchoróin do bhaint díom as an bpíp sin nách fiú thar scilling í? me do dhealbhughadh ar fad. Léim sé as a chroiceann ar bhfagháil an tsreangscéil ghá innsint do gur bhuaidh a chapall an rás: tháinig mire áthais air. T'anam 'on diabhal, a fhir bhoicht, cad tháinig ort, níl ionat ach an croiceann a's na cnámha?: lom, tanaidhe, caithte. Budh dheas liom an té a chuirfeadh croiceann ar laogh dho, dá mhéid meas leibide atá air: a chuirfeadh an dubh 'n-a gheal air: dalladh mullóg do chur air: é do mhealladh. Budh bhog an croiceann do bheadh ort dá gcreidteá go rabhas chun a fhiacha dlistineacha do mhaitheamh do: b'fhuraiste rud do chur 'n-a luighe ort: níor dheacair tú do chur amugha ar do thuigsint. Níor chaillis croiceann an leinbh fós: choingbhighis do dheallramh óigíneach: níor aosuighis i ndeallramh. Is ort atá croiceann na bunóice, bail ó Dhia ort, is beag rian aoise ná callóide ort: cneas mín gan ruic gan riastaidhe. Le méid mo cheana ort, chuirfinn lém chroiceann thu: lém croidhe: lém chneas. An croiceann do cuirtear ar nadhbhóig: anairt agus tarradh fé: an clúdach do cuirtear ar an bhfonnadh adhmaid. "Bailbh (bailigh) uaim, nó is tinn duit", arsa mise leis, agus bhailbh, ní raibh aon tslighe eile agam chun é do chur as mo chroiceann: a chúram do chur díom. Clipe d'aonne seadh an duine sin do bheith 'n-a thímcheall. Budh cheart é do chur amach as do chroiceann: a chur in iúil do nár bh'áil leat id chosaibh é. Na bochtáin, ní raibh lé n-itheadh riamh aca ach na croicinn: an taobh mar bheadh des gach aon rud: an dríodar. Is fada an bás ag snámh ar a croiceann: an bás, agus a cuma air, ceangailte, gan fágaint, ann. Croiceann an uibh: an scanán lag bán a bhíos idir an biadh agus an plaosc nó an sliogán. Déintear cuirc de chroiceann crainn áirighthe: an choirt a bhíos ag clúdach an adhmaid. Cuir croiceann ort féin chuige, labhair teann leis: cuir deallraimh áitimh, troda nó an ghnótha ort féin. Níl aon chroiceann ar aon rud dá ndeárnas riamh: slacht nó críochnughadh maith. D'imthigh an fuacht fém chroiceann: tháinig fuacht ar gach ball díom. Mo chroiceann 'on diabhal! (eascuinghe) má chonnac fear chómh cródha riamh leis: raghainn i dtreis mo chuirp do thabhairt don anspirid dá bhfaightí bualadh an fhir atá im bhéal agam. Is diail an croiceann do chuir Dia ort a's broic lé n-a chuid cainnte: tabharthas na foidhne. "Is diail an croiceann do cuireadh air", deirtear lé duine trí iongadh ar ghaibh sé tríd a's ar fhuilng sé gan é bheith ag greán 'n-a thaobh. Fuacht ná geárdal ní chuirfeadh ar an nduine sin, tá croiceann róin air: seithe

righin, taithigeach. Bain an croiceann den sceich: an taobh amuigh a chlúduigheas agus a chosnuigheas an plannda féin. Croicinn phrátaidhe: an fuighleach.

croicneach: *a.* go gcroiceann nó seithe. Bhuail fear deaghchroicneach glan liom, nár aithnigheas, a bhí ag cur do thuairisce: go gcroiceann breágh. Tanaidhe-chroicneach go maith atáid tréis an gheimhridh: lom, bocht, seirgthe: chuaidh cruadhtan an gheimhridh i bhfeidhm ortha. Buidhe-chroicneach, garbh-chroicneach, sleamhain-chroicneach, gléas-chroicneach, teann-chroicneach, etc.

croidhe: *f.4.* (*iol.* –dhthe) crathacha (ainmhidhthe); an ball beatha san ainmhidhe is suidheachán nó bunáit beatha nó luadar, as a séidtear an fhuil lé n-a crapthacht trí gach ball den gcorp; corplár; misneach; féile, preab. An rud a thabharfadh sé dhuit, thabharfadh ó chroidhe (amach) é: le lántoil. Óm chroidhe d'athchuingheas ortha foidhne do bheith aca: go dúthrachtach: dheineas mo dhícheall iomlán. Cuir ar do chroidhe an deoch, a's déanfaidh maitheas duit: cuir léd neart í. Cad chuir ar a chroidhe gur thuit an t-anam tur, te as?: cad ghoill air? Brúigh ar do chroidhe do chathughadh, ní haon leigheas air bheith ag ceisneamh: luigh a's foidhnigh é. D'éirigh a chroidhe air nuair chuala sé an droichscéala, a's níor dhein lá maitheasa ó shoin: baineadh preab as a ghoill air. Níor bh'éirghe croidhe go dtí é nuair fuaireas tuairisc gur éirigh liom: áthas. Dá mbeadh do chroidhe a's t'aigne ar do ghnóth ní chómh leibideach san do bheadh sé: do thoil dhlúth. An áit go bhfuil a chroidhe siúd budh dheacair a áireamh: an aigne atá aige ar rud éigin áirighthe do dhéanamh: an ait 'n-a bhfuil a chion agus an té go bhfuil sé air: an rud atá ar maoith aige. Luigh an biadh ar mo chroidhe: níor réidhtigh sé liom. Luigheann t'aiste ar mo chroidhe: buaidhreann sí me. Cuir amach as do chroidhe í, geobhair bean chómh maith léi: caith as do smaointibh í. Stracadh na géaga as an gcroidhe aige d'iarraidh an ualaigh do chur anáirde: ó bhun amach. As an gcroidhe b'eadh gach aon chéim i gcoinnibh an aoird: duadh mór. "Bainfead-sa", ars an dligheadóir, "an fhírinne amach as a chroidhe": cuirfead iachall air, dá aindeóin, í d'innsint. "As do chroidhe amach é!": abú! mo ghradhain thu! fáinne óir ort! Bain as do chroidhe é, nó béarfaidh do namhaid ort: bain as na cosaibh é: na bíodh faic i dtóin do shníghte agat gan déanamh chun éaluighthe. Téidheann an rud is lugha riamh ar an gcroidhe aige: goilleann siad air. Tá a mhalairt sin ar do chroidhe: ní mar labhrair atá t'aigne. Chuireas rómhór lém chroidhe é, dearmhad do dhuine a dhéanamh, féach mar fheall sé orm: thugas an iomad dem rún do a's chuireas an iomad iontaoibhe as. Gabhann t'aindeise trím chroidhe: goilleann do dhrochstáid orm. Goirtigheadh go croidhe me nuair treascaradh den gcapall fiadhaigh me: suathadh ó thalamh me. Mo ghraidhin chroidhe do bhuille, a's ann atá an fuinneamh: grádh mo chroidhe é: is rioghthaithneamh liom é. A chroidhe istigh, chuir do leitir gheanamhail taithneamh orm: a ghrádh ghil. Ní hadhmad folláin é sin, tá an croidhe tréighthe ann: an corplár istigh. A chroidhe liom thu, tabharfad aonnidh atá agam duit: a dhuine go bhfuil cion mór agam air. A chroidhe na páirte, dá mbeadh agam gheóbhfá: a dhuine a thuilleas rud agus go bhfuil cion agam air. Croidhe na féile nár eitigh aonne riamh: an té ná fuil teóra lé n-a chuid féile. Tháinig eagla mo chroidhe orm roim an ngála nuair fuaduigheadh an ceann den dtigh: oiread eagla agus b'fhéidir. Cuireann do chómhrádh iongadh mo chroidhe orm go bhfuil seisean ag imtheacht thar lear ar lorg oibre in aois a thrí fichid do: iongadh mór. Grádh mo chroidhe thu, a's rud agat: cion mór agam ort toisc gur mhaitheas dom (dúinn) thu. Cuireadh na tairngidhe (spícidhe) trí

chroidhe deárnan ár Slánuightheóra: corplár. Níor mhór an toirt é a's é do bheith ar chroidhe mo dheárnan agam: ní mór go gclúdóchadh sé ná go mbraithfinn ann é. Níl aonnidh ag fás aige (ar a chuid talmhan) ach oiread le croidhe mo dheárnan (mo bhaise): lom: díthfhéir. Croidhe cruaidh a bheadh ag an té ná bainfeadh súd ceart de: neamhchradhscalach: deacair a chlaidhe. Budh chalcuighthe an croidhe ná bainfeadh a dhriuch tréis a chatha breóidhtighe deóir ón súil aige: croidhe gan taise. An duine croidhe (croidhe istigh) budh dheacair do bheith go maith dos gach aonne: an duine ionmhúin: an duine go mbeadh taise agat dá ndiúltuigheadh sé aonne mar nár bh'é sin a mhianach. Ní bhfaghainn óm chroidhe aonnidh dian do rádh leis, bhí an oiread san truaighe agam do: ó ionad na tola. Ná bíodh drochchroidhe agat d'aonne: drochaigne. Tagann gráin im chroidhe agam do ar an gclódh salach a bhíos air: motháilt rúin. Chaill sé a chroidhe léi: thuit sé i ngrádh léi. "A mhic, tabhair do chroidhe domh-sa, coimeádaidís do shúile mo shlighthe" (Seanráidhte XXIII. 26). "Do ghní croidhe subhach gnúis shoilbhir" (Seanráidhte XV. 13). Is don gcroidhe do tagartar maidir le háthas, brón, a's cion nó annsacht; tagraimíd d'fhear bheith deagh-chroidheach, drochchroidheach, cruadhchroidheach, taischroidheach, fíorchroidheach, díthchroidheach. Connus tá do chroidhe?: connus tá gach ball díot. Beir im chroidhe choidhche an ghaisce dheinis an lá úd ag tarang na téide: ní dhearmhadfad choidhche. A Chroidhe Ró-Naomhtha Íosa! déin trócaire orainn. I gcroidhe na farraige tá na céadta ainmhidhthe ná feacaidh súil dhaonna riamh: thíos ar a tóin. Crathacha caorach a's seanbhó iad san do fuaireas in aisce - an croidhe a's a leanas é. I gcroidhthibh na ndaoine is fada bheidh cuimhne ar Pheáirneil: le cion air ní dearmhadfar go ceann i bhfad é.

croidheach: *a.* ón gcroidhe; dílis; caradach; díoghraiseach; dúthrachtach; teannláidir. Cuireadh fáilte chroidheach rómham a's fuaireas biadh a's deoch a's aoidheacht ann: ó chroidhe: go tais. Díobháil ar bith ní dhéanfadh aon ósbairt do, duine croidheach mar é: duine teannláidir: misneamhail. Bhíodar ag itheadh annsúd os mo chómhair, dhá uair, trí huaire, agus nár chumhangchroidheach an treibh (treabh) iad ná tafantóchadh rud lé n-itheadh orm, a's a fhios aca ná raibh aon dul agam féin air: gorta (gortach): craigeach: spadánta. Sin ar thug sé dhom, aon scilling amháin gan biadh gan deoch, nár bheagchroidheach an síntiús é: scrutach: cníopa: cneamhaireach: gan féile ná fairsinge. Ólaimís go croidheach a's spréidhimís gach mairg: le deaghthoil a's fonn. Bead go croidheach leat in aon riachtanas: go dílis. Gheóbhair amach go dtaithneóchaidh an áit leat, daoine croidheacha atá ann: caradacha, soranna. Léigheadh sé agus mhínigheadh sé dhom go croidheach an uile lá gur fhoghlumuigheas an teanga uaidh: go dúthrachtach. Déanamh croidheach do thabhairt do, gan easbhaidh gan ceal: fialmhar.

croidheachán: *f.1.* (**croidheanta**) péacán; sceallán; crotal; ceartlár; an eithne. B'olc an saosúr é níor tháinig ar na prátaidhibh ach croidheacháin: péacáin bheaga. Ubhalla gan tairbhe iad san, tá a gcroidheacháin lobhtha: an lár istigh aca. B'í Connradh na Gaedhilge croidheachán aithbheódhachana na teangan: an rud gur bhailigh gach cómhacht tímcheall uirthe chun na Gaedhilge do chur chun cinn.

croidheamhail: *a.* fial, oscailte; mórchroidheach. B'é an té budh chroidheamhla ar an gclainn é, budh bheag air airgead do chaitheamh ar son maitheasa, nó a aimsir do thabhairt le linn gábhtair: b'éascaidhe fé fhéile nó fé chabhair. Tigh go bhfuil daoine

croidheamhla gur bheag ortha thu dá ndiúltófá rud a ghlacadh uatha: fial: oscailte. Thug sé dachad púnt don mbailiúchán, nár chroidheamhail uaidh sin: mórchroidheach: neamhsprionnlaithe: gan chruadhas. Dá olcas a's dá dhéine atá an saoghal air, bíonn sé croidheamhail: bíonn a spirid go meidhreach: neamhmairgeach: soilbhir d'aindeóin mío-áidh.

croidheamhlacht: (**croidheantacht**) *b.3.* féile, fíreacht, diúideas; dáiríreacht, oscailteacht; deighmhisneach. Cá ngeóbhadh an chroidheamhlacht dúthchais uaidh, nár shinnsir fhiala, fhlaitheamhla do bhí aige: an oscailteacht croidhe: an mianach chun maitheasa do dhéanamh. Ní leigfeadh a chroidheamhlacht do aonne d'eiteach: an mianach maitheasa a bhí geinte ann.

croidhebhriseadh: *f.* mórbhrón, brughadh smaointe; dolbhach; céasadh; aithrighe; doilgheas. Croidhebhriseadh ar aon líon tighe seadh bás cinn an tighe: brón mór. Ó imthigh a leanán uaidh tá croidhebhriseadh air, le huaigneas as ceal cuideachtan: a smaointe bheith buadhartha. An croidhebhriseadh do chuireadh na manaigh ortha féin dul chun cómhnaidhthe ar an oileán fiadhain sin ní raibh aon teóra leis, i bhfad ó chabhair dá mbudh ghábhadh: dolbhach: déine maireachtana. An méid croidhebhriseadh do chuir an sagart orm as mo pheacaidhibh níor mhór na húrnuighthe ná leórghnímh é.

croidhebhriste: *a.r.* dolbhach, brónach, aithrightheach, doilgheasach. Ní bhead croidhebhriste in ao'chor ged imtheacht uainn: brónach. Cúrsa croidhebhriste dhi, a fear 'sa beirt mhac do bhádhadh in aon ló: doilgheasach: teangmháil a chuir brón a's tuirse uirthe. I ndiaidh an Domhnaigh beidh bhur bhfoireann croidhebhriste nuair bheidh buaidhte ortha: claoidhte i spirid trí chailleamhaint. Chaitheadh an duine bocht an oidhche ar fad go croidhebhriste ag paidireóireacht cois na teine: go haithrightheach, brónach.

croidhebhrughadh: *f.* brón i dtaobh peacaidhe nó cortha; dúluighthe lé haithreasach i dtaobh cionnta. Abair Gníomh Grádha agus Croidhebhrughadh: paidear ag foillsiughadh ceana agus aithreachais do Dhia. Croidhebhrughadh mo dhóthain a bhí orm é do mharbhadh gan choinne gan aon dlighe do chur orm: dobhach trí shians, braithstint, feart nó tuigsint go raibh rud déanta as an slighe agam.

croidhedhícheall: *f.1.* an iarracht is fearr ar chumas duine. Mo chroidhedhícheall do dhéanamh chun é do shásamh ní thaithneóchainn leis: an eitim budh láidre agam. Bíonn Deibh ar a chroidhedhícheall chun na teórann do leagadh: níl aon rud indéanta ná iontsmaointe ná go ndéineann sé. A's mo chroidhedhícheall do dhéanamh ní fhéadfainn an ceann cipín do mhúineadh: a raibh ionam: mo chlisteacht a's mo dhúthracht ar fad ar fad.

cróilighe: *b.4.* tuathalacht siubhail; tinneas an bháis; iomghoin; aicíd. Cad chuir an chróilighe ionat nách féidir leat siubhal díreach: ceal luadair. Cuireann taisireacht aimsire cróilighe ionam: ní fhágann sí an luadar gnáth im chnámhaibh. Cróilighe í sin atá ann ó saoghaluigheadh é: mío-thaithneamhacht nó míothapa éigin cuirp. Is dócha gur dathacha atá ionam ar an gcróilighe atá i mbas mo shlineáin deis: tinneas piantach. Is geairrid

uaidh an chabhair anois, tá sé i gcóilighe an bháis: imghoin an bháis: na pianta a thagas roim an éag. An chróilighe atá ar an gcapall san ní théigheann aon dochtúir amach air: aicíd. Cróilighe ag rámhaidheacht: neamhlíomhthacht.

cróilighe: *a.* fann, éiglidhe, neamhlúthmhar. Cróilighe, críona dho agus é ag casadh lé hobair a's le gnóth: fann, lag, míoluadarach. Ó saoghaluigheadh é tá sé cróilighe 'sis beag an tsláinte ná an luadar atá aige: éiglidhe, faonlag: tréith: martruighthe. Bhuail sé i mbaic an mhuiníl le stiall de bhata é a's d'fhág cróilighe ar an dtalamh é: sínte ar lár.

croimbéal: *f.1.* béal uachtarach; an fhéasóg a fhásas ar bheól uachtair fir. Bí ag itheadh do chroimbéil anois lé gearrabhrághad: bíodh cathughadh anois ort.

croimscian: (**cromscian**) *b.2.* scian mhór go gcor innte; scian chonntabharthach. Seachain tú féin ar an gcroimsciain, tá faobhar nimhe uirthe.

croimshlinneán: (**cromshlinneán**) *f.1.* bas-ghualann cromtha cuara nó cor. An iongadh leat neart do bheith ann, féach na crom(a)shlinneáin atá aige: slinneáin go bhfuil cor ionta nó cromadh chun cinn. Tá a thuilleadh id chrom(a)shlinneánaibh: dar le daoinibh gur cómhartha acfuinne a's nirt é. Cuir crom(a)shlinneán ort féin: crom chun cinn. Chaith sé chuige an t-ualach ar a chrom(a)shlinneán: ar stuaidhleirg a dhroma.

cróine: *b.4.* dubhdheirge; ball; smól. Thabharfá fé ndeara cróine fé n-a chroiceann a chuirfeadh in iúil duit go bhfuil fuil an ghormáin ann: duibheacht. Tiocfaidh cróine ar an bhfalla san cheal a nighte lé haol: baill shalacha ar a fhuaid.

croisín: *f.* cineála bata chun taca do thabhairt do dhuine bhacach. Táilliúir na gcroisínidhe: táilliúir go mbeadh dhá cheann aca aige.

croisíneach: *f.1.* do bheith i seilbh chroisínidhe; duine go mbíd aige. Bead im chroisíneach i rith mo shaoghail gesna dathachaibh diabhail seo: is éigean dom mo thriall do bheith ortha de dheascaibh dathach.

croithte: *a.r.* suaidhte, teilgthe, caithte, sreathnuighthe, cnaoidhte, tnáidhte, mothalluighthe; tuairtighthe. Croithte go maith dho tréis an ghail slaghdáin sin: suaidhte: cuid mhór dá bhrigh a's dá neart imthighthe uaidh. Ná staon de bhualadh na sraideóige (úrláir) go mbeidh an smúit croithte agat aiste: curtha aiste lé suathadh no iondramháil chorruighthe. Croithte ó thalamh atá sé d'iarraidh na teangan d'fhoghluim, cuireann sí árd-duadh air: tugtha, suaidhte, iomad struis beartha air. Da mbeadh braon den uisce coisricthe croithte ort b'fhéidir go stadfá des na heascainghithibh: spréidhte, caithte 'n-a bhraonachaibh scaipighthe. An bhfuil leasughadh croithte ar an dtalamh san?: scaipighthe leis an láimh. Céad uair atá mo lámh croithte agam air i gcómhartha aitheantais a's aon tuath ní chuireann ionam: mo lámh corruighthe luaiscthe síos suas a's sall 'sanall. Croithte ó thonn go tonn caitheann an eala an oidhche ar an gcuan: síos suas, sall 'sanall. Dá stadadh an t-amadán nuair bhí a phóca croithte a's gan dul in éileamh cáirde ní bheadh an scéal chómh dona aige: a phóca dealbh ó bheith ag caitheamh. Saoghal croithte

a dhóthain ar dhaoinibh bochta é seo: dealbh, gan puinn sochair lé baint as sheifteannaibh.

crom: *a.* cuar, fiar, sléachtuighthe, 'n-a chnochairt, ceannfé, grionguighthe. Luigh an madra crom sa chúinne lé heagla go mbuailfí é: bailighthe ar a chéile: 'n-a chnochaire: connluighthe. Beanngáin an chrainn crom go talamh lé mórthoradh ag fás ar gach taobh díom: lúbtha anuas. D'fhan sé crom i bhfiadhnaise an ríogh, gur iarr san air éirghe: a cheann fé aige in umhalaidheacht do shoillse an ríogh. Crom, doidhírighthe lé galar cnámh: lúbtha, casta, stangtha. Ní maith liom deireadh na nadhbhóige sin níl sé crom: i líne a atharruigheas a treó ar gach aon chor: cor boighisín.

crom: *f.1.* seaníodhal ag muinntir na hÉireann go raibh a árus i Mágh Sleacht. In ainm Chruim stad, táir ghom chur amugha: mar déarfí "ar son Dé". Domhnach Crom Dubh, an chéad Domhnach den Lughnasa. Dar Crom! bhainis preab asam, níor shaoileas go rabhais i ngiorracht céad míle dhom: dar fiadh!

croma: *f.4.* faid na meádhon-mhéire ón ingin go halt an chruibh. Níor mhór duit seachta slata agus cromaidhe 'n-a theannta chun an méid éadaigh atá uait: órdlaighe i dteannta na seacht slat. D'aithnigheas ar an bhfuadar éitigh a bhí fé ná bainfeá aon chroma dhe: aon cheathramha: ná faghfá aon bhuige ann.

cromadh: *f.* (*-mtha*) do lúbadh, do shléachtadh, d'fhiaradh; do shroichstint; ceann fé lé haois; crúncadh; feacadh; griogadh; camadh, claonadh. In a chnuig ithreach ar a chromadh sa ghort ó mhaidin go hoidhche: lúbtha anuas chun talmhan. Dar leat-sa go mbíonn saoghal breágh ag cléireach istigh 'n-a oifig. Ní bhíonn, bíonn sé rómhór ar a chromadh: feactha anuas ar a chuid oibre. Chuadhais ar do chromadh don sagart: d'fhéachais do cheann chun talmhan a's d'fheacais do chorp. Tabhair breis cromtha do thosach an bháid a's beidh sí níos líomhtha i gcoinnibh na gaoithe: feac í: fiar amach chun tosaigh í. Táir ag cromadh: ag dul in aois. Mara an b'é am duit bheith ag pósadh é idir chromadh agus liathadh dhuit: an corp ag lúbadh nó ag feacadh a's dath bán ag teacht ar t'fholt. Corrán gan mhaith é sin, tá an iomad cromadh (cromtha) ann: casadh róchumhang. Bímís ag cromadh ar an obair, mórchuid lé déanamh againn a's teirce aimsire chuige: ag tosnughadh uirthe: ag cur chúiche. Ag cromadh ar an mbiadh: ag dul i bhfeighil ithte. Ag cromadh ar an bhfóghmhar etc. An bhfuil aon chromadh ar phósadh agat?: aon smaoineamh. Níl aon chromadh aige liom: báidheamhlacht, léighe. Cromadh ar ghlúinibh: dul ar ghlúinibh. Ó tá an fhaid ionat, féach an bhféadfá cromadh chun an lóchrainn sin ar an bhfalla a's a thógaint anuas chugham: síneadh chuige. Bíodh do shúil de, go cromadh gréine: fuineadh nó dul-fe na gréine. Ar mbeith do dhaoinibh óga ag caitheamh léim táilliúra téigheann cuid aca ar a gcromadh go léimeadh an chuid eile dá ndruim amach: lúbaid i gcur a mbas ar a nglúinibh. Ghaibh sé tharram sa bhóthar a's cromadh ann: a cheann fé aige: crúnca air. Fíorchromadh beag isteach atá tagtha i dTeampall Gallaruis dá sheanda é: lúbadh beag: fiaradh as an dtreó cheart tógbhála. Cromadh eile ní dhéanfad, tá an iomad cheana féin géillte agam: aon ghéilleadh eile. Níl stad ná staon ag dul ar an sín seo, ag cromadh atá sé: fonn tuilleadh do dhéanamh den saghas chéadna.

cromaide: *b.* lúbadh; crúnca. Ní le haois atá an chromaide sin in ao'chor ann ach é do bheith sa dúthchas aige: an caitheamh síos chun cinn. Ar mo chromaide thána i gcoinnibh an chnuic lé n-a ghéire: cromtha as mo dhíreach.

cromaim: *b.a. 7 n-a.* lúbaim, feacaim, sléachtaim, fiaraim, connluighim, sroichim; cuirim chun ruda (do dhéanamh). Chrom sé chugham gan chúis gan adhbhar; thug sé íde na muc a's na madraidhe orm a's bhuail sé me: sháidh sé chugham: d'ionnsaigh sé me gan choinne, gan rabhadh. Chromadar ar a chéile in áiteamh (i mbuighin, etc.): siúd chun a chéile iad: d'ionnsaigheadar a chéile ar a ndícheall. Sheasuigheas ar bharraidheachaibh mo chos a's chromas chun barra na fuinneóige ar éigean: shroicheas é. Crom do ghlúin i bhfiadhnaise na haltóra: lúb do ghlúin. Dá mhéid tafanta a déanfí air stríocadh, ní chromfadh sé pioc: ní stríocfadh sé: ní ghéillfeadh sé. Crom cois claidhe nó buailfidh na piléir thu: ísligh agus connluigh tú féin i bhfascain. Chrom an t-asal fén ualach: lúb fé mhuirearacht na meádhachana a bhí air. Crom isteach (chun bídh etc.): luigh linn, etc. Dá gcromadh sé 'n-a óige leis an obair ní thiocfadh sí chómh crosta anois air: dá luigheadh léi. Crom asam: éirigh díom: leig dom féin. Duine ná cromfadh roim Dhia ná dhuine: ná géillfeadh do. Crom ar an mbaile anois, tá an deireannaighe ag teacht: bí ag gluaiseacht fé dhéin an bhaile. Caith uait múinteóireacht, a's crom ar ealadhain éigin eile: tabhair tú féin ar ghairm éigin eile bheatha.

crom(a)ruathar: *f.1.* feactha chun cinn ar séirse; fogha sanntach. Is air siúd ná raibh an mhoill ná an tsiléig ag gluaiseacht chughainn ar a chrom(a)ruathar: oiread san fonn siubhail air go raibh druinn (dronn) air. Thug sé crom(a)ruathar orm (fúm) a's thóg glan den dtalamh me: fogha sanntach a's a cheann fé.

crom(a)shlinneánach: *a.* go slinneánaibh cromtha, cora nó cuara. Gach nduine aca 'n-a bhfearaibh móra, láidre, crom(a)shlinneánacha: a dhrom cuar (gan bheith seasuightheach) tímcheall bas na ngualann. Bíodh iontaoibh nirt a's gnímh agat as fhear crom(a)shlinneánach. Cá bhfuil crom(a)shlinneánach an tighe seo chun an ualaigh do thógaint: fear cúmtha mar sin agus neart a's fuinneamh ann.

crom(a)shlinneánaighe: *b.4.* go slinneánaibh cuara. Bhuail sé chugham aníos a's crom(a)shlinneánaighe ann ag an sín: a cheann fe aige. "Cad chuir an chrom(a)shlinneánaighe ghránda san ionat?" – "chuir ualaighe troma a's cuid mhaith dhíobh, rud a bhí ábalta air.

crompán: *f.1.* góilín i mbéal abhann. Chuarduigheas cuas, cuan a's crompán do: gach aon tsaghas béil farraige ar feadh an chósta.

crompóg: lúb do bheadh ar théadán, etc. Cad fhéadfainn-se do dhéanamh, tá mo mhuineál i gcrompóig: cosc doiréidhtighthe liom. Bhuailfinn thiar ar mo dhrom i gcrompóig.

cromshrón: *b.5.* srón lúbtha síos nó cuartha. Nách air atá an cupa cromshrón: srón mhór thoirteamhail a's cor innte. **cromshrónach** *a.*

cromshúil: *b.* (*-shúl*) (*iol.* cromshúile, cromshúilidhe) súil feachta anuas. “Cad é do thuairm ar a chromshúile?” – “tuar mioscais seadh iad”. Tháinig iomard éigin súl air, d’fhág crom(a)shúilidhe aige: cor anuas ’n-a shúilibh dá aindeóin.

cromtha: *a.r.* lúbtha, cam; feactha; lúbtha le haois. Dá mbeidhtheá cromtha ar do chuid oibre ní bheadh sí gan déanamh agat: luighte léi. Nuair bhíos cromtha ar itheadh glaodhadh go hobann orm a’s b’éigean dom éirghe: socair, réidh chuige. Cromtha roimis an altóir do caitheadh sí an lá ag paidireacht: lúbtha, ar a glúinibh a’s a ceann fúithe. Tá do chuid éadaigh cromtha ag an mbáistigh: craptha (crapuighthe). Cromtha caithte do bhí sé nuair chonnac-sa é, agus me im naoidheanán: aosda.

cromthach: *a.* géilleamhail, tugthach. Róchromthach do bhíodh na daoine ag tabhairt chíosa dos na tighearnaidhibh talmhan, ghá chaitheamh ar gach glaodhach: umhal: fonnmhar teacht lé gach iarratas. Is eagal liom ná fuilir róchromthach don ndlighe: géilleamhail: neamhfhonnmhar ar í do chóimhlíonadh. Éadach cromthach é sin, fág flúirse déanta ann: éadach go dtiocfadh ann: éadach sochratha (crapuighithe).

crón: *a.* donndhubh. Níl aon chúis mhaoidhte aige-sean, tá sé chómh crón le duine: chómh smeartha: chómh cionntach. Bróga cróna, aghaidh chrón (caora).

crónadh: *f.* (*-nta*) dubhachtaint, do dul i smearthacht; do chailleamhaint an datha. Culaith éadaigh liom atá ag crónadh, níor mhisde a dathughadh gorm: an dath ag feódhadh innte. Gach aon rud ag dul i ndoiléire lé crónadh an lae: doirchiughadh: an cróntráth.

crónaim: (**crónuighim**) *b.a.* *7 n-a.* doirchighim, caillim i ndath. D’aithneóchadh aonne ar an slighe do chrón an tráthnóna go raibh sé claon le báistigh: d’atharruigh sé: d’imthigh an gealas as.

crónán: *f.1.* treithear, foghar, glór íseal, neamh-eadarána, dórd; osmairt (mar bhíonn ag árus a’s uisce ag fliuchaidh ann); déadamhrán; siansán; cnáimhseán; ciarsán. “Ar mhaithe leis féin a dhéineann an cat crónán” (seanrádh): glór fada, íseal, monabair. Thuiteadh mo chodladh orm ist oidhche lé crónán na habhann: monabar an uisce ag gluaiseacht go bog, binn, íseal. Crónán an diabhail bhuidhe do tháinig air ag díol as an rud ’n-ár gcuideachtain: ceisneamh: míofhonn a’s míoshásamh a’s a chur in iúil. Chuala sé, dhearbhóchadh sé, crónán ag teacht amach as an roilig: glór íseal, greánach. Rud éigin do bheith bunoscionn leis an gcraolachán ná fuil fuaim shoiléir aige ach crónán lag: glórghail. Ag obair do ar a bhogstróc do bhí sé ag crónán le sástacht aigne: ag déadamhrán: guth lag, íseal, glórach. Crónán cois teine atá agat, cad n-a thaobh ná cuirir in iúil ar Chómhairle na Conntae breis an íoca: greán liom-sa a’s leat-sa. Cad é an crónán so ort? sin airgead agat a’s ceannuigh pé rud atá uait: míoshástacht. Cuir uait an crónán a’s labhair amach: stad den gcainnt dothuigseana. B’aoibhinn liom bheith caithte i ngabhal carraige ar Cheann Sraithe ar bhruach na mara ag éisteacht lé n-a crónán: an dórd cómhnaidhtheach, neamheadarána. D’éirigh crónán gaoithe fé dheireadh na hoidhche a’s bhog an long as an gcuan: siolla éadtrom. Cad maith bheith ag crónán ar a ghreántaibh liomsa?: ag ceisneamh.

crónánach: *a.* glórach, monabarach; ceisneamhach. Daoine is crónánaighe i dtaobh na Gearmáine ó dheireadh an chogaidh mhóir ná na Franncaigh budh dheacair do mheas: tapaidh chun greáin do dhéanamh ortha go bhfuilid ag dul i neart nó ag ullamhughadh i gcóir catha eile, etc. Leighiseadh sé brón a croidhe suidhe cois an tsrutháin chrónánaigh furmhór an lae. Gléas ceóil crónánach seadh na píopaidhe: go nglór íseal, cómhnaidhtheach aontsiollaigh.

crónánaidhe: *f.1.* greánaidhe, cníopaire. Éist, a chrónánaidhe, níl aonne ag iarraidh do choda ort-sa: cníopaire: rud sprionnlaithe gur deacair leis scaramhaint lé haon rud. Crónánaidhthe ná sásóchadh aon tsaghas síne ná saoghail sinne, feirmeóiridhe, dar lé gach treibh eile sa dúthaigh: dream (drong) gur dual dóibh do bheith ag síorcháiseamh.

crónphoc: *f.1.* fiadh fireann: an ainm do tugtar ar an allmhurach ná taithnigheann linn. Díbreócham crónphuic tar farraige: na gaill. Níor lugha liom im chuideachtain é ná na crónphuic: na gaill go raibh an ghráin mhairbh ortha.

cróntráth: *f.* an choinfheascar, an breacsholas. Ó chamhaois go cróntráth ní shuidheann sé lé guilm oibre: ó fhuinneógaibh an lae go luighe oidhche.

cros: *b.2.* crann adhmaid nó iarrain, etc. déanta de dhá mháille (bhlúire) ceann aca go ndíreach (’n-a sheasamh) agus an ceann eile treasna air ar nós an leitir “T” nó treasna mar seo “X”; cómhartha an chreidimh chríosdaidhe; an gléas ar ar céasadh a’s básuigheadh ár Slánuightheóir; an cómhartha san greanta i gcloich; fromhadh foidhne; mío-ádh, iomard do chosc, do thoirmeasc. “Beidh cros an ólacháin choidhche air, ní éireóchaidh sé as” – “sin mar bhíonn gach aonne ’sa chros féin air”: iomard beatha: donas. “Bíonn cros éigin os chionn an duine i gcómhnaidhe”: deirtear so nuair thárluigheann rud éigin tubaisteach gan choinne leis: an chinneamhain do bheith ar a lorg a’s ag síorfhaire air. Ní mó an chros do chuir “an cor” ar Éirinn ná ar Shasana mar nách aon tuar réidhtigh idir an dá thír é: buaidhreamh buan. Chuir an dlighe crosa ar rinncidhibh ar chros-bhóithribh: toirmeasc ortha: cosc leó. Fiche uair, is dócha gur choisceas ort fanacht as an áit a’s ní rabhais sásta riamh a’s choidhche gan dul ann thar mo chrois: d’aindeóin m’fhógartha a’s mo thola. An t-aon chros atá orm dul ar na ráiseannaibh, ceal an airgid: cosc, bac. Crosa an tsaoghail a tháinig leis é bheith bocht, dealbh indiu, a’s ní dúthracht ná díomhaointeas: mío-ádhanna i ndiaidh a chéile: dán an tsaoghail a’s na beatha. Fan mar atá agat agus mar a bhfuilir, ní haon chrosa dhom thu: nílir ag cur isteach orm, ní duadh ná bac thu. Ag déanamh cros ar scoil do bhíos féin agus Pádraig Ó Fiannachtaigh, pé áit de bhallaibh an domhain ’n-a bhfuil sé indiu: ag cruachadh shlinnte anáirde ar a chéile gur thuiteadar a’s gur briseadh iad: ag déanamh mioscais. Cad iad na crosa atá anuas ort go mbíonn rud éigin ag éirghe dhuit i rith an lae?: cad é an mío-ádh? Cuireadh an scian go crois ann a’s thug sé fuil a chroidhe: go fuirc: isteach ar fad go dtín gcos. Crosa éigin i gcómhnaidhe dhá thaidhreamh do: ag machtnamh ar bheartaibh a dhéanfadh buaidhreamh nó míoshásamh do dhaoinibh eile. Cuir do chros annso: cuir an comhartha so “x” i ndiaidh t’ainm ó nách féidir leat féin scríobh, mar shighniughadh gur b’é do thoil é. Cuir cros annsan anois, tá ár ndóthain againn den uain seo: cómhartha cá stadaimíd. Ar chrois Chinn Trágha tá lanntán glas: an áit go dtagann bóithre treasna a chéile. Céasadh ár Slánuightheoir ar Chrann na Croise. Dar an gCrois, ní leigfead mo bhuille leis: dearbhuighim ná leigfead. Fíoghar na

croise idir sinn a's ár namhaid: cómhacht an Athar, an Mhic a's an Spirid Naoimh. Bain fíoghar na croise ort féin roim luighe a's tréis éirighthe dhuit: cuid do bhas ar t'éadan, annsan ar t'ucht agus annsan ar an ngualainn chlé agus beir treasna do bhrághad ar an ngualainn dheis í, ghá rádh, "in ainm an Athar, an Mhic agus an Spirid Naoimh, Amen": coisrigh thu féin. Thar chrois na hEagailse (eaglaise): thar barraidhe bachall; dá ndéintí aithbhirt ar dhuine ón altóir a's go bhfógruightí an choinnealbhádhadh air mara ndéineadh atharrughadh nó leórghnímh 'n-a bheart a's ná géilleadh déarfí, "tá sé imthighthe thar crois na heagailse, nó tar barraidhe bachall .i. níl aon tor aige ar mhúineadh na heaglaise ná ar thoirmeasc na n-easbog.

crosach: *a.* síogach, riabhach; thar 'n-a chéile. Éan crosach seadh an crosán: tá síogaidhe malairtdhathacha tríd. "Ó!", ars an fear ón dtuaith do chonnac asal crosach i ngarradha a n-ainmhidhthe i mB'l'Áth Cliath: "asal" go raibh síogaidhe ann: líntidheacha cumhanga fada ar malairt datha don rud budh ghiorra dho: stríocaidhe, riastaidhe: dealáin (sa spéir).

crosadh: *f.* (*-sta*) bagairt, cosca, coscadh; dúrshéanadh, scriosadh. Ag mallachtughadh 'sag crosadh a chéile chaitheann na tuinncéiridhe sin a saoghal: ag gabháil dá chéile a's ag beannachadh a chéile: tamall trodach, tamall síothchánta. Bí ghod chrosadh féin air, tá sé chughat a's ní maith an earra é: bí ag déanamh fíoghar na croise ort féin chun do chosanta ar a fheirg. Feasda ní lamhálfad duit bheith ghom chrosadh ar mo shlighe féin do bheith agam, tá ciall a's meabhair agam féin: ghom chosc a's ag déanamh do thola-sa. Bímís ag crosadh an tsnáithín 'sag déanamh ceirtlínidhe dhe: ghá chasadh tímcheall ar a chéile mar liathróid.

crosaim: *b.a.* bagraim (ar), coiscim, toirmiscim, díothchuirim, scriosaim, deinim cros; dúrshéanaim; cúbaim chugham. Ná bíodh sé de ndiabhal ort go gcrosair é a's gheóbhar 'n-a fhear bhreágh ghrádhmhar é: teacht treasna air. Tréis dul don Oileán Úr 'on Chogadh Mhór chros an riaghaltas deoch mhearbhaill do dhíol agus is i ganfhios do faightí é: chuir sé cosc ar a dhíol: toirmisc sé é. Chros an sagart ortha fanamhaint lasmuigh den sáipéal i rith an Aifrinn: thoirmisc sé ortha é: b'éigean dóibh gan fanamhaint ann. Crosaim ort de ló a's d'oidhche fanamhaint ós na faillteachaibh nó gur leó do thuitfir: fógraim ort gan dul in aice leó. Dá bhfaightheá ordughadh míle uair an tigh sin do leagadh crosfad é mar is agam-sa agus agam amháin atá an focal déidheanach: cuirfead bunoscionn é mar órdughadh. Dá gcuirtí iongadh ar dhuine, preab obann do bhaint as, duine do dhéanamh ruda gan choinne leis nó díobháil do dhéanamh ná leanfadh mórán milleáin é, déarfá – "mo mhallacht air a's crosaim é" (eascuinghe éadtrom) .i. ní fiú biorán a's é más iongadh nó neamhchoinne féin é. "Cad n-a thaobh bheith ag eascuinghidhe orm? cros me" – "crosaim thu": bainim guith na heascaine dhíot: níl a thuilleadh díomais im chroidhe dhuit. Féach cad tá déanta anois aige, gadaidheacht eile, agus is minic crosta air é: bagartha air gan é do dhéanamh nó gur thinn do. Tá sé crosta ar fhear tighe tábhairne deoch do dhíol i rith tráth iadhta acht lé taisdealaidhe coiscthe ar cheilg fíneála.

crosaire: *f.4.* crosbhealach, crosbhóthar; na rianta a dheineas bóithre ag teacht treasna ar a chéile. Crosaire na gceithre rian, in aice le Muileann an Ghlíomaigh, i dtaobh thiar den Daingean. Seadh, táimid ar an gcrosaire anois, go gcuiridh Dia ar ár leas sinn, ceaca bealach ár mbail: ar an mball go bhfuil orainn gabháil as an seanrian.

crosán: *f.1.* éan farraige go mbolg bán, tiughchlúmhach, dromdhubh a's sciathán dhubh, dúthchas do na críocha fuara lastuigh, tagann ar oirear na hÉireann ameasc na n-oileán chun síolbhuighthe, gearrcach nó dhó iomlán a scraoi (ál).

crosánta: (**crostánta**) *a.* crosta, aimhleasta, ceanndáine. Ó mhaidean go hoidhche ní bhíonn luighe ar t'earball, leanbh crostánta mar thu níor leag mo shúil riamh air: leanbh aimhleasta a bhíos ag déanamh rudaidhe in aghaidh smachta. Gluais liom anois, mar dhéanfadh fear maith, is chun do mhaitheasa é a's ná bí crostánta, siléigeach: ceanndáine, contrálta, stuacach: aingidhe: dúr san mícheart. Bíonn sé anchrostánta nuair bhíonn braon caithte aige: ait, doranna, deacair d'iondrabháil.

cros-bhóthar: *f.1.* crosaire, cosán as an mbealach rianta; slighe cham (gníomh). Tabhair cros-bhóthar éigin eile ort féin a's seachain mise: bealach (cam) éigin seachas bheith ag cur meargó orm-sa. B'fhearr liom rud maith go mbeadh a fhios agam cad iad na cros-bhóithre atá fé tímcheall mo phócaidhe-se: cad iad na droichfeádhanna atá fé do dhéanamh. Cad é an rud as an slighe atá 'n-a cros-bhóithre an domhain a thugann sé isteach ó imthigheann sé go dtagann sé: gaibheann sé in áiteannaibh agus déineann rudaidhe nách eól d'aonne ach do féin féin. Cuirim uaim do chros-bhóithre! ná bí d'iarraidh aon ruda do dhéanamh léd chlisteacht, dar leat: deireadh le feádhannaibh. An diabhal féin ní bhéarfadh i lúib air siúd, beidh cros-bhóthar éigin aige chun éaluighthe: slighe éigin lúbach, rúnda.

crosta: *a.r. a. n-dh.* aimhleasta, míriaghalta; ceanndáine, droichmhianaigh; deacair; aimhréidh; cam, doranna, lúbach. Scéal anchrosta atá ag na Giúdachaibh anois i lár na hÉoraipe, ní leigfeadh an Ghearmáin dóibh bheith istigh a's ní leigfidh an tSeic amach iad: aimhréidh, diachrach, deacair ortha. Ar scoil ní raibh aon leanbh budh chrosta ná é, ní fhanfadh sé socair dá bhfaigheadh sé neamh air: míriaghalta. Ceist anchrosta ná féadfadh duine as an gcéad í do réidhteach: deacair. Tagann gach aon obair nuadh crosta ar dhuine ar dtúis: dian cheal taithighe. Bóthar anchrosta atá rómhat, gleann ar thaobh díot, é cumhang agus an doircheacht agat: bóthar deacair eólas do dhéanamh ann. Tá sé crosta ag ceann d'aitheantaibh Dé gan baint do bheith agat lé mnaoi do chómharsan: bactha, toirmiscthe, coiscighthe. Laetheannta crosta na bliadhna: na laetheannta troscaidh a ráinigheas innte. An Aoine lá crosta an dealuighthe: an lá go n-abarthar nách cóir deilbh do dhéanamh. Lá crosta dob eadh é, níor chailleas oiread riamh ar gheallaibh, aon chapall gur chuireas tuath ann do theip air: lá a chuaidh im choinne: mío-ádhmharach. Daoine crosta seadh iad nuair bhíonn braon ólta aca: daoine gur furaist leó achrann do dhéanamh. Ná tair crosta sa bhóthar orm léd seanthrucail: sa tslighe orm: treasna.

crostálta: *a.* mioscaiseach, aimhleasta, míriaghalta; bruigheantach, buailteach, aimhréidh, doréidhte, doishiubhalta, dothaisdil. Slighe chrostálta atá ag dul síos i bhFaill Muair, géar, díreach, cnapach: deacair: slighe dhuaibhseamhail. Bheadh náire orm bheith chómh crostálta leat, do shíor ag faire ar bhruighin do chur ar aonne déarfadh "haf san!" leat: droichmhianaigh. Dá chrostálta tháinig sé air breith ar an dtraen, deich míle shiubhal agus dul fiche míle eile ar ghluaisteán, rug sé uirthe: constaiceach. Is crostálta an mac an leanbh san, níl aon rud ag dul de, féach, cad tá déanta anois aige gloinne an lóchrainn do

bhriseadh: díobhálach. Garsún crosta ná féadfadh máighistir ná máighistreás comhthrom do bhaint ar scoil dhe: aimhleasta: buadharthach, duaibhseamhail, mí-iomchair. Ainmhidhthe crostálta ná coimeádfadh do dhícheall as fhoghail: ainmhidhthe seachránacha, neamhshocair.

crostántacht: *b.3.* ceanndáine, ceannteann, leantach do thoil féin sa mhícheart: crostacht; aimhleastacht. A chrostántacht féin do thug a shúil dhubh do: bheith malluighthe, easonórach. Mara mbeadh crostántacht an leinbh féin, ná déanfadh rud ar athair ná ar mháthair, ach ag leanamhaint a thola féin ní leagfí de ráil an staighre é: dánaidheacht claonta lé n-a thoil féin do leanamhaint ar gach gnóth ó indiú go dtí ambáireach. Crostántacht idir thóin a's cheann seadh thu, ní leigfeá d'aonne a leigfeadh duit: stuacacht: contráltacht.

crot: *f.1.* deallramh, cuma. Is é ná fuil an crot air, lúb isteach a's lúb amach ann: droichdhéanamh: míochúmthacht. Ní chuirfeadh aon rud crot ar an scéal so lé n-a olcas: é do dhéanamh soiléigthe iontsuime. Dá fheabhas aire atá aige dá fhagháil ós na dochtúiridhe níl aon chrot ag teacht air: maitheas, cuma go dtéarnóchadh sé. Connus bheadh aon chrot fós ar thigh ná fuiltear ach dhá thógaint lé seachtmhain: cuma, déanamh, deallramh. Bróga gan aon chrot ar phúnt iad san ort: bróga ná fuil sé de chuma ortha gur fiú iad an t-airgead. Tá an mianach ceart innte, tabhair coirce dhi a's aire a's tiocfaidh crot an ráis uirthe: cuma go ndéanfadh sé rás. Beimid déidheannach, brostuigh, cuir crot bóthair ort féin: gléas tú féin 'n-a chóir. Cad chuir crot an bháis ort? an aon eagla do cuireadh ort?: cuma, cómharthaidhe. Nuair bhí Séambairléin ag dul sall chun Hitlear do bhí crot an chogaidh ar chúrsaidhibh: deallramh go mbeadh cogadh ann. "Níor bh'aon eadh agam-sa dachad cloch meádhachana d'iomchar ar mo dhrom" – "sin é crot atá ort, a mheathalóir!": cuma nirt. Luathuigh a's cuir crot ar an gcistin, beidh daoine iasachta chughainn: cuir gach aon rud in órd cheart. An dtiocfaidh aon chrot go deó ort?: an raghaidh feabhas ort? an mbeir aon phioc níos fearr ná taoir chun ruda do dhéanamh mar budh cheart. An oidhreacht a thuit air a chuir crot air, mara mbeadh san bheadh thiar air: a chuir slacht air: a chuir bun agus strus air, gan bheith bocht. Riamh ní fheaca a crot ar aon mhnaoi, gile, cúmthacht a's sláinte: bean budh bhreághtha ná í. Tiocfaidh a chrot féin airís air: beidh sé chómh maith agus bhí sé riamh i bpearsain nó i maoin. "Tá sé básuighthe" – "is fada a chroth ghá mhaoidheamh san air": thuar a chuma a bhás. Crot an éin ar eiteallán: cuma: déanamh. Tháinig an diabhal chugham i gcrot an duine: i bhfuirm an duine.

crothach: *a.* neamhshocair, creathánach, luascach, suaidhteach; deaghchúmtha. Solas crothach atá ag an lampa san, tá siolla ag teacht as áit éigin air: léimreach: neamhshocair. Crann an chraolacháin crothach, caithfear a ghreamughadh: luascach: sall 'sanall nuair bheireann an ghaoth air. Eagla mo chroidhe orm ag gabháil tríd an bportach leis an gcapall, áit bhog chrothach scannruightheach: luascach, síos suas fé ualach: i reachtaibh dul ar lár ann. Ceann crothach gruaige uirthe, síos go guailnibh: folt a bhí ar crith lé n-a chumarsaighe. Budh thaithneamhach amharc ar an gcoirce crothach leis an ngaoith: ag luascadh, a cheann ag lúbadh a's ag éirghe gach re seal mar bheadh tonnaidheacha na farraige. Cos chrothach í sin nár dheacair do ghréasaidhe a bróg do dhéanamh: deaghchúmtha.

crothadh: *f.* (*-ta*) do luascadh, luascadh, suathadh, coradghail thapaidh, mhear síos suas nó anonn ’sanall; gogadh; scaipeadh, leathadh; sreathnughadh. Bhain sé crothadh as a cheann i gcómharthaidhe dom fóilleadh ar mo láimh: shuaidh sé a cheann sall ’sanall. An céad-chrothadh thug an t-abhach don bhfranncach d’ídigh é: suathadh i ngreim béil a’s luascadh cinn chun a iarrachta do neartughadh. Baineadh crothadh gráineamhail asam nuair teilgeadh de bhuaic an tighe anuas ar an dtalamh me: suathadh lé heagla a’s lé hósbairt. Theip orm an uair úd, bainfead crothadh eile as, féachaint an ngreamóchadh mo cheist é: tabharfad iarracht shuaidhte, dhian eile etc. Sé an crot atá im shúilibh cinn-se air go bhfuair sé crothadh an anama ón slaghdán: suathadh a dhóthain. Táir ag crothadh t’earbaill airís: tagtha chughat féin. Crothadh sciathán indiu ortha, a bhuachaill lé lúthgháir, a’s fonn bóthair: cuma ortha go bhfuil gealadhram ortha. Ag crothadh an uisce choisric ar an bpobal don tsagart: ghá chaitheamh lé sreathnóir ’n-a bhraonaidheachtaibh iomadamhla. Ag crothadh airgid ’n-a phóca ghá chur in iúil go raibh aige: ghá chorruighe go mear, glórach. Á, deirim leat gur beag na crothaidhe láimhe do bainfí asat dá mbeidhtheá bocht: breith láimhe a’s a luascadh lé háthas. Ag crothadh a bhata lé droichmhianach ar aonne thiocfadh i ngiorracht do: ghá bhagairt air. Ní bhfuair do chlúdh aon chrothadh uainn ach moladh: cáineadh. Fan go mbeir ag crothadh na gcos, ní bheir chómh teanntheangthach san: ag fagháil bháis. Budh mhaith an rinnceóir Máire, budh dheas an crothadh coise a bhí aice: gluaiseacht. Nuair greánas a chlann leis, b’é an tor do thug sé orm, crothadh gualann: a ghuailne d’árdach go grod sa leigeant marbh. Is fada go mbaintear aon chrothadh as a theangain: go gcuirtear cosc léi. Dá bhfaghadh an garradha sin crothadh aoiligh bheadh meacain agat ann: tómhas maith: cuid mhaith mar scaipfeá go cúramach leis an láimh. M’anam-sa féin go bhfuil sé ag crothadh a thrí fichid bliadhan: nách mór an t-aos san. B’fhearr dhuit tu féin do chrothadh as an nduine urchóideach san a’s gan a aithreachas do bheith ort: scaramhaint leis. Ag crothadh an ghalair de seadh bhí sé nuair tháinig aithiompódh air: ag cur a chúirim (chúraim) de. Dá gcaithteá crothadh mine san bplúr b’fhearrde an bhollóg é: adhbhar beag ar a fhuaid.

crothaim: *a.* luaiscim, bagraim (ar), bainim an smairt as lé suathadh, suadhim, corruighim go fuaidreach, leathaim. Croth suas tú féin, táir id chodladh: mothalluigh: bí anamamhail. Croth lámh, dar fiadh, tá árdghaisce déanta agat: cuir do lámh im ghlaic go luaiscead í. Croth do lámh leis (air), féach an dtuigfeadh sé thu: sméid air léi: corruigh síos nó suas sall nó anall í. Croth go maith do chasóg go n-imthighidh an t-uisce aiste: bain ionfairtidhe groda, anamamhla aiste. Croth t’earball anois, ní nár duit, ar mh’anam, is ort atá an t-easbach: mothalluigh t’earball lé sástacht. Chroth an gal breóidhteachta úd go maith é, tá na súile súighte siar ’n-a cheann a’s dath an pháipéir air: shuaidh, do bhain as do. Croth an smúit as an seanshraideóig sin: suaidh, mothalluigh, corruigh í go n-imthighidh an smúit aiste. Ná croth do dhorn orm-sa, mar ná fuil tor madra agam ort: ná bagair é orm. Croth braon den uisce choiscreac ort féin sara ngaibhir amach, tá an oidhche thar druim: scaoil nó doirt ort féin é ’n-a bhraonaidheachaibh tiugha troma. Croithte, caithte ataoi tréis do bhliadhna: suaidhte, tairngthe. Croth síol féir annsan an aithbhliadhain: leath ann é. Croth air: caith a thuilleadh a’s a thuilleadh air, mar cré, uisce, min, plúr, leasughadh, etc. “Croth” dá mbeadh deoch ar siubhal nó aon tsaghas leanna nó rud scaoilteach mar airgead etc.: caith chughainn cuid de: gaibh ’n-ár dtreó-ne leis. Nuair scaoileadh an bád suas i súil na gaoithe do chroth an seól: chorruigh sé ó

thaobh taobh. A Thighearna! an bhfuil an céad púnt croithte ó shoin agat?: caithte: ídighthe. Croth asat an faitchíos san i dtaobh fuachta nó tiocfaidh sé chun scátha dhuit: caith.

crothamhail: *a.* deaghchúmtha; áluinn, sciamhach; deallramhthach. Bean chrothamhail seadh í, ní gábhadh dhi aon spréidh, is furaiste dhi fear d'fhagháil: bean go bhfuil cuma, déanamh agus áilneacht innte. Drochchrothamhail d'fhill sé abhaile tréis a cheithre mbliadhan tar lear: cuma dhealbh air nó deallramh caithte, díoshláinteamhail. Mná crothamhla seadh mná na hÉireann dréir tuarasgabhála: mná breághtha. Is crothamhla é ná mar tá neart ann: níl neart ann dréir mar chuirfeadh a dheallramh 'n-a luighe ort. Níor bh'fheas dóibh cad budh cheart dóibh do dhéanamh, bhíodar i bpoll an amhrais 'gen scéal neamhchrothamhail do fuaireadar: tuairisc nár bh'fhéidir talamh slán do dhéanamh de. Aimsir chrothamhail í seo chun foghmhair do dhéanamh: aimsir go bhfuil deallramh seasamhach uirthe. Budh neamhchrothamhail le haonne é seo mar scríobh: níl na leitreacha cúmtha ró-líomhtha. Is crothamhail atá sé agat mar shíntiús (seanbhlas): ní fiú an méid atá agat d'áireamh.

crothamhlacht: *a.* breághthacht, áilneacht, deaghdheallramh: maiseacht; sciamhacht. Toghadh as na míltibh í lé n-a crothamhlacht: lé breághthacht a pearsan: a maise. Fanfaidh sé meathluighthe choidhche, níl aon chrothamhlacht ag teacht ann: breis mhéid. Tiocfaidh crothamhlacht ar an dtír seo fós nuair bheidh sí go léir fé haon riaghaltas amháin a's breis dhéantús innte: cuma tíre a bheadh ag dul chun cinn mar budh cheart. Ní crothamhlacht a tháinig ar an margadh ach olcas: feabhas: breis cheannaidheacht a's luach. D'aithneofá ar chrothamhlacht na curadóireachta ann gur feirmeóiridhe críochnamhla iad: cuma mhaith.

crothóg: *b.2.* ceirt, giobal, leadhbóg, luid. Bean gan chrích (críoch) go bhfuil a balcaisidhe 'n-a gcrothógaibh léi: giobail ar silleadh. Bochtnacht ag snámh air, ní gábhadh dhuit ach féachaint ar na crothógaibh atá air, inneósaidh san duit é: baill stracuighthe stollta.

crothughadh: *f.* (*-ighthe*) deimhniughadh, dearbhadh, suidheamh; fromhadh, fínéacht. Dá mbeadh aon tsaghas crothuighthe agam go rabhas an t-aos nó tímcheall air, aonne a déarfadh focal maith ar mo shon, gheóbhainn táille na seandaoine: foillsiughadh nó teasbáinteas. Ní chrochfainn an té atá cúisighthe ar fhínéacht leinbh mar chrothughadh gurbh é do mhairbh é: deimhniughadh, dearbhadh. Crothughadh maith ar an dtuarasgabháil atá fachta cheana go bhfuil gach aonne a chonnaic é ar aon fhocal: dearbhadh go bhfuil sé fíor. Dhearbhuigh sé fíor a's bréag d'iarraidh a chrothughadh dhom go raibh easbhaidh airgid air: d'iarraidh a chur 'n-a luighe orm.

crothuighim: *b.a. 7 n-a.* deimhnighim, dearbhuighim, fromhaim, áitighim go dearbhtha. Crothuigh dom gur leat-sa an t-airgead do fuairtheas ag dul amugha agus is é do chuid é, ca bhfuil do chómharthaidhthe?: foillsigh dom é: suidhidh dom é. Triúr fínéithe a bhí ag féachaint air ag marbhadh an fhir, chrothuigheadar ar a leabhar gurb é a bhí cionntach: bhunuigheadar fírinne an scéil gan aon amhras. Chrothuighis go maith sa chluiche sin: dheinis do chion go sármhaith. Tabhair eaga dho, níl 'n-a choinnibh ach ceal taithighe,

crothóchaidh san go maith fós: foillseóchaidh a ghníomh a fheabhas. Níor chrothuigh a chlann go maith: "d'iompuigheadar amach" go holc.

cruach: *b.2.* cnoc, go mórmhór maolchnoc, chun a dhealuighthe ós na cnocaibh beannacha a's na sléibhtibh go mbíonn mullaighe géara, beannacha ortha; maol; carn árd; carn fada a's buaic air ar nós tighe; clais mhór aoiligh; carn mór féir, gráinne, móna nó a leithéid fén spéir agus clúdach nó díon air; an méid is féidir do chur ar árus, ar ughaim nó a lithéid ós cionn béil gan a thuiteam. Na cruacha airgid sa bhanc agam a's ná féadfainn a dhísc: cuid mhór. An chruach atá ar t'ualach fáisc go maith nó scéidhfidh sé: an méid atá ós chionn béil an nidh atá ghá chongbháil. Bean fhlaitheamhail do lucht míre a's mála dob eadh í - thugadh sí gach síntiús fé n-a cruaich uaithe: bhíodh maol ar pé árus a líonadh sí. Cár imthigh na cruacha éisc a bhíodh 'ges na nadhbhógaibh tréis na hoidhche: na hualaighe móra a bhíodh go hárd os cionn na gunalach. Cruach aoiligh do chur ar an ngarrdha sin ní thabharfadh sé ach fiadhaile lé n-a olcas: anchuid Éireann aoiligh. "Cuireann fear na luaithe fear na cruaiche amach" (seanfhocal): an té go mbeadh talamh agus maoin aige agus go rángóchadh buachaill aimsire aige a's a raghadh an oiread san chun deiridh go mbeadh air díol amach lé n-a bhuachaill, annsan bheadh air fóghnamh do dhéanamh don té a bhí ag déanamh fóghnaimh do tráth dá shaoghal: duine go mbeadh mórchuid de strus an tsaoghail aige tráth, go raghadh chun deireadh a's go gceannóchadh seirbhíseach leis a chuid dá chionn san go mbeadh ag obair do. An bhfuil airgead (aonnidh) agat? tá, ina chruachaibh. Cnoc a's cruach ort (eascuinghe): buaidhreamh ort. Na Cruacha Dubha: cnuic a's sléibhte tímcheall Chill Áirne.

cruachach: *a.* lán de, iomadamhail fé chnocánaibh cloch, arbhair, etc, de stácaidhibh mhaola etc. Is tusa an feirmeóir go bhfuil an deallramh ort, is agat atá an iothla chruachach: iothla go bhfuil furra (foráiste) go flúirseach aige. Ceanntar cruachach seadh Corca Dhuibhne: lán de chnocaibh a's de shléibhtibh. Budh chruachach bhíodh na báid tráth fé iasc againn: ualaighe móra maoile.

cruachaim: *b.a.* carnaim, árduighim ar a chéile i gclais; cnuasuighim, tiomargaim. Chruach an sprionnlóir lé cruadhas airgead a's an aicme nár thruagh leó é treascartha chaitheadar go suairc: bhailigh ar a chéile é. Cruach an chré air: adhlaic é. Cruach an ghainnimh cois an chlaidhe: árduigh 'n-a carn í. An fóghmhar déanta agam a's gach aonnidh cruachta: curtha i gcrích i gcóir na droichshíne. Chruach sé easonóir ar easonóir orm: níor tháinig lag air ach ag tabhairt tarcaiscne a's táire dhom.

cruadhach: *a.* ag baint lé cruaidh-iarann, daingean, doscartha, fadhartha. Adhmad cruadhach é sin is deacair a ghearradh: adhmad daingean. Dlúth 'n-a mhianach. Chómh cruadhach le cloich: caladasach, daingean. Scian chruadhaigh níl aon teóra léi nuair bhíonn faobhar 'n-a ceart uirthe: scian fhadhartha.

cruadhacht: *b.3.* do bheith daingean, láidir, doscarthacht; doibhristeacht; triomach a's fuacht; neambuige; coindealbhacht (coindeilbheacht); déine; iomard. Lán tighe de chlainn aice, an bhaintreabhach bhocht a's gan cruadhacht in aonne aca: gan aonne díobh i gcoindeilbheacht tairbhe do dhéanamh di. Ar feadh trí mhí, nár bh'olc an aimsir í, ná tháinig aon chruadhacht uirthe: nár thriomuigh sí. Cruadhacht anoir a bheireas slaghdán

chughainn: aimsir thirim, fhuar. Ní thiocfaidh cruadhacht ar an toradh 'gen mbogaradh so: ní thiocfaidh sé chun aibeamhlachta. Cruadhacht an fhir d'fhuilngeóchadh sé aon tsín: stóinsitheacht a bhall beatha. Má rug cruadhacht ar aonne rug sé orm d'iarraidh maireachtana ar bheagfhaghá ltas: déine: duadh. A chruadhacht do bhíodar orm sa charcar, gan sos ná suaimhneas agam ag dubhobair i rith an lae a's ghom dhúiseacht gach am den oidhche ar scáth airm do bheith agam: déine: buirbe: doirbhe. Ní shádhfadh aon bhád rámha i gcoinnibh an ghála san lé n-a chruadhacht: a neart, a thréine. Ní cruadhacht go bochtanacht: níl aon iomard os chionn an duine is measa dho ná í. "Cad dhéineadh ár sinnsear ar an droichbhiadh a bhíodh aca?" – "cruadhacht do bheith ionta": dochaithteacht a's fulang. Cruadhacht na teangan ná féadfainn a fhoghluim: deacracht a tuigseana a's a labhartha. Cruadhacht an chroidhe ná géilleann do bhacaighe an duine thall: calcuightheacht: neamhosailteacht. Cruadhacht an chroidhe ná déanfadh maitheamhnas do thabhairt dom: croidhe calcuighthe, dochorruighthe, mífhial. Bíonn eagla ar an uile choirptheach roimh chruadhacht an bhreithimh: déine an bhreitheamhantais do thugann sé. Ní tháinig aon chruadhacht ar an éadach dá fhaid a bhí sé amuigh: triomughadh as fáscadh. Lucht mór feidhlte ocrais, fuachta agus an uile chruadhachta: an uile shaghas donais go gcuimhneófá air.

cruadhachtaint: *b.2. 7 3.* stáid nó aiste chruaidhte, thriomuighthe, chalcuighthe, daingnighthe, chalaidhthe. Níl aon chruadhachtaint ar an móin fós, ní dhéanfadh sí aon teine: tá sí ar stáid an t-uisce bheith innte. An bhfuil cruadhachtaint ar do mhuirear?: an bhfuilid in aois a's i neart cabhartha? Ón nóimint do cuirtear barracht (barrachtail) sé a dúil (nádúir) cruadhachtaint do bheith ag dul uirthe: bheith ag dlúthughadh 'sag bailiughadh go daingean ar a chéile. Ag cruadhachtaint atá an lá: ag dul i bhfuaire nó in olcas. Ag cruadhachtaint orm a bhí an saoghal, chailleas mo bheart a's annsan buaileadh breóidte me: ag dul i ndéine: iomard ar iomard ag cruachadh orm. An chruadhachtaint chéadna istigh 'n-a chroidhe go raghaidh síos in uaigh: sprionnlaitheacht. An bhféadfá an seanfhocal so do réidhteach dom táim i gcruadhachtaint aige: i ndraip, i bponnc. Má bheireann cruadhachtaint choidhche ort tair chugham: aon chruadhchás is féidir liom d'fhuascailt duit, fuascalóchad.

cruadhadh: *f.* (*-idhte*) do dhul i ndlúthacht, i ndaingneacht, i stangacht, i saosúrdhacht, i bhfuaire, i dtriomacht. Tá cruadhadh ar an éadach: triomacht: scarbháil. An bhfuil aon cruadhadh ar na leanbhaidhibh agat?: an bhfuilid ag dul i méid 'sis neart? Drochshuathadh do deineadh ar an mbarracht, níl cruadhadh ag teacht uirthe: dlúthughadh: dul 'n-a chéile a's daingniughadh. Ag cruadhadh orm atá an saoghal: is ag dul i ndeacracht orm atá maireachtaint. Dachad iarracht do thairngeas do ar an gcapall ach ag cruadhadh orm a bhí sé, ní leagfadh sé feóirling: ag dul i ndéine: ní bhogfadh sé órdlach. Ag cruadhadh ar an aindeiseóir atá lucht na bhfiach, breis aca ag teacht in aghaidh an lae air: ní haon ghéilleadh atá aca dá bhacaighe. Le ráithe anois tá droichshín ann 'sis ag cruadhadh atá sé: ag dul in olcas. Deich mbliadhna fágadh an t-adhmad san ag cruadhadh sar ar cuireadh in aon áis é: ag saosúrughadh.

cruadháil: *b.3.* iomard; draip; teannta; ainiochtmhaireacht, danardhacht, míothrócaire. Riamh níor ghaibheas trí chruadháil, mar bhíos i bhfolach a's gan idir me agus mo thóir ach clár leathórdlaigh: i ndraip, i gconntabhairt beartha orm a's a eagla orm. Is iomdha

cruadháil a bheireas ar an saighdiúir: cruadhtan beatha a's teannta troda. Cruadhála na beatha a rug dom bheith bocht, dealbh, gan áit chodlata na hoidhche agam: mío-ádhanna a's ósbairtidhe. Cruadháil ar an gcapall seadh a ucht do bheith nochtuighthe fén gcoiléar: fulang a's buaidhreamh.

cruadhaim: *b.a. 7 n-a.* daingnighim, socruighim (mar an aimsir, barracht), tiormuighim (móin, gráinne etc.); téidhim in aois nirt; calcuighim; dingim ar a chéile; treisighim. Dá aoirde é an t-íoc cruadhfaidh sé ar a bhfuil d'oibreachaibh nuadha dhá dhéanamh sa chonntae: árdóchaidh sé go mór. Ná díol do chuid as an méid sin, cruadhaidh ar an gceannuightheóir: árduigh an luach nó ná géill a thuilleadh. Dá theirce a's dá dheilbhighe biadh ortha 'n-a n-óige chruadhadar: neartuigheadar: tháinig ionta. Nár chruadhaidh Dia an saoghal orainn níos measa ná tá sé: nár chuiridh Sé breis oilcis air. Mionbhualadh fuinnte a chruadhas an chrudh chapaill: a chalcuigheas a's a dhingeas ar a chéile í. Ná cruadhaidh do chroidhe rómhór, tabhair lacáiste dhom: ná bí níos neamhghéilleamhla ná taoi. Chruadhaidh an falla leis an aimsir: tiormuigh sé a's d'fháisc an taisireacht as. Coirce a chruadhaidh cois teasa an biadh do thug sé dá capall: go raibh na gráinnidheacha bailighthe go palcuighthe. Cruadhfaidh do chnámha lé díomhaointeas: déanfaidh stangadh dólúbtha díobh. Cruadhaidh an imirt: imir níos déine a's bí níos deacra ar lucht do thránais.

cruadhálach: *a.* sprionnlaithe, gortach, tinneasmhar, droichdhéanamhach. "Bítear róchruadhálach ar mo leinbhín ar scoil", ars an mháthair: gheibheann sé droichdhéanamh ón oide. Croidhe cruadhálach nár shín mír riamh: sprionnlaithe nár thug riamh an déirc. In aon dúthaigh ní raibh tighearnaidhe budh chruadhálaighe ná mar bhíodar in Éirinn, císeanna troma a's a ndíol go grod: budh neamhthrócairighe. Nach cruadhálach an líon tighe sibh ná ceannuigheann annlann díbh féin a's cumas agaibh air: gortach: beagchroidheach. Ní cóir bheith cruadhálach ar ainmhidhe aingciallda: dian: ósbairteach.

cruadhas: *f.1.* sprionnlaitheacht, neambuige, daingneacht, calcuightheacht. Camá (cá mbudh fháth) ná beadh na leaga liatha sa bhanc aca, cá ngeóbhadh an cruadhas?: an tsainnt chun an tsaoghail a's an greim doscartha ar an rud a bheadh aca. Chas sé a chruadhas lé n-a mhac ná tabharfadh feighre bróg ar cáirde: an sprionnlaitheacht: ceal oscailteacht croidhe. Cáisigh é mara bhfuil cruadhas i mbéal na tuagha so: greán mara bhfuil fadhairt innte. Cruadhas an phinn luaidhe ná fágann sé rian ar an bpáipéar 'n-a dhiaidh: dochaithteacht na luaidhe. B'shiúd é an buachaill a chaitheadh a chuid gan chruadhas: go rabhairneach. "Sláinte ó chroidhe le fonn/ chun gach faraire modhamhail a leanfadh sinn/ a's d'fhanfadh 'n-a shuidhe a's n-a mheabhair/ go bhfeiceadh sé bonn an bharaille/ mar is é mo chuigeann a's mo chruach/ a's mo leabaidh chun suain an baraille/ ól a's cuideachta shuairc ní chuirfinn suas faid mhairfinn do/ A dhuine, ná cruinnigh an stór/ mar imtheóchaidh sé ar nós an tsneachtaidh uait/ "marbh go rabhad", arsa Gearróid/ má chruinnighim go deó puinn airgid/ mar is iomdha scraiste aca sínte san uaigh/ nár chaith scilling le cruadhas i dtigh an tábhairne/ 'sa gcuid rachmais dá chaitheamh go suairc/ 'gan aicme nár thruagh leó iad treascartha" (seanshláinte): sprionnlaitheacht shuarach.

cruadhchás: *f.1.* amhgar, easbhaidh, draip, aindeise, anacair, cruadhtan. In aon chruadhchás go mbeir go deó glaodhaidh orm-sa a's tiocfad chun do thárrthála: draip, greim nách féidir lé duine teacht as dá chumas féin. Cruadhchás teine orainn ambliadhna mar nár saothruigheadh an mhóin: easbhaidh agus duadh dá dheascaibh. Gan aonne 'n-a bun 'n-a leabaidh luighe sheóil i gcruadhchás leinbh: ag cur cúraim an leinbh di. B'é a bhí i gcruadhchás idir a bhean a's a leanbh, ní fhéadfadh sé ach duine aca do shaoradh: i ndraip gur dheacair a rádh cad budh chirte do dhéanamh. "Nuair is mó an cruadhchás seadh is giorra an chabhair" (seanrádh): nuair is mó, dar linn, bhímíd i gconntabhairt seadh bhíonn ár bhfuascailt buailte linn. Nár bheiridh Dia in aon chruadhchás choidhche ort: go raibh Dia ghod shíorchosnamh. Cruadhcháiseanna na bliadhna d'iarraidh "breith thall 'sabhfus" air 'sis iomdha iad: anróidhtidhe: fulang: ceal. Táim i gcruadhchás ná feadar fanamhaint annso i leith a's go dtiocfaidís nó dul fé n-a ndéin agus b'fhéidir iad do chonnsughadh: idir dhá chómhairle nó dhá mhachtnamh a's nách fios dom cad ar gur ceart dom beartughadh.

cruadhchásach: *a.* dian, dochraideach, deacair, conntabharthach, amhgarach, anróidhteach. Iascaireacht d'oidhche a's feirmeóireacht de ló is cruadhchásach an bheatha ag aonne í: dian, dochraideach. Rug an cúrsa budh chruadhchásaighe dá rug riamh air, adubhairt sé nuair bhí triubhas an mhinistir ghá tharang go tóin puill a's casóg an tsagairt d'iarraidh a choimeádta ar barra: budh dhéine a's budh ghéire air d'iarraidh éalódh. Ag siollagar leis an ocras gan braon uisce sa bhád aca a's iad as radharc talmhan budh chruadhchásach an cúrsa aca maireachtaint: dian. Budh chruadhchásaighe le Sasana dul chun cogaidh ná síothcháin do cheangal lé Hitlear: budh chonntabharthaigh léi dul i dtreis cailleamhna.

cruadhchráidhte: *a.r.* buaidheartha, anróidhteach. Budh cruadhchráidte an croidhe a bhí aige bheith ag féachaint amach trí bharraidhe a chealla sa phríosún ar an saoghaol mór lasmuigh ag dul 'sag teacht dóibh féin a's eisean fé ghlas: ciapuighthe, buaidheartha 'n-a aigne. Nuair d'imthigh an stiúir den mbád ní raibh faic aca do stiúrfadh í agus í ag tuiteam ar an dtalamh. Budh chruadhchráidte an chéim í: anróidhteach, dian, conntabharthach.

cruadhchroicneach: *a.* suarach, sprionnlaithe, go gcroiceann righin, dúluighthe. Ní thabharfadh san oiread a's deoch 'en uisce dhuit dá dtógfadh ón mbás thu, tá sé chómh cruadhchroicneach san: sprionnlaithe, doghluaiste chun maitheasa. Seithe cruadhchroicneach ar throd a's ar chapall abhann ná tolladh piléar as ghunna é: righin, dúluighthe, daingnighthe ar a chéile. Dhá phingin díreach do thug sé uaidh i gcomórtas leis an té budh lugha, leathchoróin, nár chruadhchroicneach uaidh é: suarach, cruinn, táirbheartach.

cruadhchroidhe: *f.4.* do bheith cruinn, baileacht, neamhoscailteacht, neamhmotháilt. Ní leigfeadh an cruadhchroidhe do balcais maith éadaigh do chur air féin: sprionnlaitheacht. Loibh na hearraidhe istigh aige níos túisce ná thabharfadh sé ar a luach iad lé cruadhchroidhe: cumhangaracht a's suaraidheacht croidhe. A bheannacht ná a dheaghthoil ní thabharfadh liom a's me ag scaramhaint leis, an cruadhchroidhe chómh daingean san ann: neamhmotháltacht, cruadhálacht.

cruadhchroidheach: *a.* sprionnlaithe, neamhmothálach, míghéillte. Go dtín bpingin dheireannaigh bhain sé amach an t-airgead gan lá maithimh do thabhairt don bhfíorbhochtán a bhí i gcruadhtan aige go cruadhchroidheach: géirleanamhnach. Dá gcaithteá do lá a's do shaoghal 'n-a chosaibh, an rud cruadhchroidheach, ní fhiafróchadh sé dhíot an raibh béal ort: duine calcuighthe, sprionnlaithe.

cruadhchroidheacht: *b.3.* sprionnlaitheacht, suaraidheacht meanman, déine, géire. Thug uaidh dhá oiread a's nár riachtanach do gan cruadhchroidheacht: go fial: gan antoil. Ní bhainfeadh úird mhuilinn an iarainn airgead as lé n-a chruadhchroidheacht: deacracht a chorruighthe chun tabhartha. An-ghreánach do bhí na saighdiúiridhe ar lucht díolta leo sa bhFrainnc lé n-a gcruadhchroidheacht, gidh gur ar a son do bhíodar ag troid ag fáscadh an uile phingine uatha ar an earra: dian in éileamh lé sprionnlaitheacht. Bíodh a mhilleán aige ar a chruadhchroidheacht féin a ruaig ón dtigh a mhac gan adhbhar ná fillfeadh sé anois: motháilt neamhghéilleamhail. Caithimís uainn seanfhalaidhe, osclaimís an doras ar an gcruadhchroidheacht a's déinimís síothcháin: an chalcuightheacht ná leómhfadh suaimhneas.

cruadhmhuineálach: *a.* dúr, ceanndáine, righin-mhuineálach, dothugtha, doghéillte. "Is dócha, a chara", arsa Séamas Beag, "go bhfuil Hitlear agus Séambairléin go cruadhmhuineálach lé chéile, ar an seo-sea-sin seo gan aonne aca i mbun stríoctha don bhfear eile: daingean, diongmhálta. Ceannuightheóir cruadhmhuineálach ná féadfá margadh ná iomlaoid leis: gur deacair iondrabháil leis.

cruadhmhuineálacht: *b.3.* ceanndáine, dúire. Tá a ainm anáirde le n-a chruadhmhuineálacht, ceart nó mícheart aige, leanann a thoil féin: doghéillteacht do chómhairle. Fiche uair fógradh air teicheadh as an gcoiréal ach ní leigfeadh cruadhmhuineálacht do é gur thuit sé air a's gur múchadh fén gcíthréibigh é: ceanndáine.

cruadhshnaidhm: *b.2.* snaidhm deacair lé réidhteach, dianghreim, ceangal nó cuibhreach nách furaiste do scaoileadh. An lá phósais chuiris cruadhshnaidhm ort féin: claoidhfir led mhnaoi a's géillfir di: ceangal dian. Cad í an chruadhshnaidhm atá agat ar éill do bhróige ná féadfainn a scaoileadh: cuibhreach docht. Tháinig cruadhshnaidhmeanna gáiridhe orm ar fheicsint chleas an tseanduine ag fuirseóireacht ar an árdán: dianiarracht do chosc na bhfáscaidhe gáiridhe ar phléascadh. Duine go mbeadh buaidh aige a mheallfadh é siúd an chruadhshnaidhm do bhaint da sparán: duine cruinn neamhscaipightheach.

cruadhsmacht: *f.3.* géirleanamhaint, riaghalachas, dianchosc, forlámhas, ceannaireacht, srianadh, leathtrom; éigean; ainiochtacht. Nár mhór an cruadhsmacht a bhí ar ár sinnsear 'ge dlighthibh Shasana ná féadfadh duine capall a bh'fhiú thar chúig phúint do bheith aige: cos ar bolg, ceannaireacht. Im shuidhe leis an ndoircheacht, ag obair go haimsir codlata, 'sag síorbhagairt orm, b'shin an cruadhsmacht a bhí aige orm: géirleanamhaint: déine agus ceannaireacht. Le cruadhsmacht ní bhfaigheadh sé ó n-a mhnaoi dul chun cluiche báire ná cuideachtan: cosc: déine. D'fhógair lucht oibre na Frainnce stailc chúig milliún oibridhe, sháruigh an Riaghaltas iad le buannacht cogaidh do chur ortha, leis an gcruadhsmacht b'éigean dóibh géilleadh: an greim forlámhais atá ag an Riaghaltas ortha.

Capall fiadhain a sceinnfeadh ar a luighead cúise mara mbeadh an cruadhsmacht atá ag an mbéalbhaigh láidir atá ann: an cosc lé n-a neart chun a shrianadh.

cruadhtan: *f.1.* draip, deacracht, greim deacair, cruaidh, conntabhairt, bochtanacht, anacair, gábhadh; daingneacht, déine. Teine sa tseómra 'n-a rabhas a's gan aon chao ar an staighre do bhaint amach agam 'san tsráid dachad troigh fé bhun na fuinneóige b'é sin an cruadhtan connus éalóchainn: an rud a thaidhbhsigh doidhéanta. Ní ceal bídh ná luighead tuarasdail fáth gur éirigheas as an obair ach a cruadhtan, bhí sí rómhaith dhom: a deacracht. Lé cruadhtan na talmhan níor bh'fhéidir a rómhar: daingneacht: doscaoilteacht an uachtair. Aithnightear cara i gcruadhtan: bíonn mórán cáirde dúmais ag duine nuair ná bíonn aon leathcheann air, ach nuair bhíonn is beag a chlaoidheas leis. Tháinig cruadhtan triomaigh annso bliadhain san earrach, nár phéacuigh aon tsíol: aimsir thirim, chruaidh gan taisireacht. B'éigean na clocha do bhailiughadh den mbóthar airís lé n-a gcruadhtan ní fhéadfadh duine ná ainmhidhe siubhal ortha: daingneacht; goirtightheach fén satailt. Cruadhtan na bróige ar mo chois a dhein bacach me: a dóighéillteacht a's a fáscadh. D'aithnigh na fir ghorma go raibh cruadhtan éigin ar an luing nuair chonnacadar í ag caitheamh pléascán: mísheól, mío-ádh, iomard. Pé cruadhtan a bhéarfas ort más féidir liom fuasclóchad thu: greim cruaidh: conntabhairt do dhíobhála. An cruadhtan a fhág lom i gcorp 'sin éadach é: an bhochtanacht. B'éigean do dul 'on bhannc le hurradh nuair rug cruadhtan airgid air: ceal airgid: é do bheith i ngreim go bhfuasclóchadh airgead as é. Béarfaidh cruadhtan ar dhaoinibh ambliadhna, toisc na drochbharraidhe: gábhadh: easbhaidh. Is ortha rug an cruadhtan, coighcíos i mbád béaloscailte ar bheagán bídh ag gabháil trí stoirm: ceal, stros, diandhuadh agus fulang. Chaill sé a bheart a's chaill sé a shláinte, ní raibh sé riamh i mám an chruadhtain go dtí so: i nglaic an chruadhtain, i ngreim docht aige.

cruaidh: *a.* daingean, diongmhálta, dian, deacair, cumhang, dlúth, triomuighthe, gábhtarach. An braon cruaidh a thug an gleódh ar fad do: deoch mhearbhaill. "Nuair is cruaidh don gcailligh caitheann sí rith" (seanfhocal): nuair nách féidir lé duine a dhualgas do chóimhlíonadh nó nuair bítear ag dul ródhian air caitheann sé bheith sásta dul ar malairt treóra nó gabháil lé rud nár bh'é b'fhearr leis. "Ná bí cruaidh a's ná bí bog" (seanfhocal): ná bí ródhian toisc cumas do bheith agat air a's ná bí rófhial ná róghéilleamhail ar gach feacht; ní misde ceann aca ná an ceann eile. Croidhe chómh cruaidh leis an gcloich ghlais ná cuirfeadh do scéal truaighmhéileach maoithneachas air: gan trócaire, gan géilleadh d'fhulang a chómhchréatúra. An lá atáir ag brath air táir ar thalamh cruaidh, bí cinnte ná fuil baoghal ort muinghin do bheith agat as. Ná bí cruaidh fé aon rud a dhéanfadh maitheas: ná loc ar aonne an mhaith atá ar do láimh do dhéanamh. Lámh chruaidh go maith atá aige, ní chreachfaidh a shíntiús é: sprionnlaithe. Is cruaidh atá an saoghal ag breith air, mo ghradhain é, go mbíonn sé 'n-a shuidhe ar ádhmhaidean (seanbhlas): is dian. Léan id cheann cruaidh ná freagróchadh an cheist réidh sin: ceann cipín: ceann gan inchinn. Tá na bróga san cruaidh ort?: dian; deacair lé siubhal ionta. "Bíonn cosa cruaidhe ar chapall iasachta" (seanfhocal): "do spuir féin a's capall dhuine eile": ní géilltear do chapall chách: an rud nách linn féin ní mhothuighimíd. "Tá scéal cruaidh agat": deirtear mar charbhall lé duine nuair saoiltear gur fuar é a thoisc. Tá croidhe cruaidh agaibh, mhuis, nó bainfeam-ne sásamh díbh: ní mór ná go bhfuiltí doshásuighthe muna bhfagham-ne an lámh uachtair oraibh. Is cruaidh atá an saoghal ag

breith ar an bhfear bocht a's go mbeidh sé ag obair leis an ndoircheacht (seanbhlas): tá sé scannruighthe chun an tsaoghail. Cheannuigheas iasc cruaidh go saor: iasc leasuighthe, tirim. D'iarann chruaidh atá an scian san déanta: d'iarann go bhfuil fadhairt ann. Ná bí cruaidh ar an mbocht: dian. Déarfainn a thuilleadh leis, ach nár mhaith liom dul róchruaidh air: bheith ródhian i gcainnt ná taitneóchadh leis. Cur cruaidh agus glacadh bog agat-sa: dá mbeadh rud uait budh mhian leat a fhagháil go saoráideach: dá mbeadh le tabhairt budh dheacair leat scaramhaint leis.

cruaidh: *b.2.* iarann in uaim lé roinnt de charbón agus uaireannta silic. Baintear áis mhór as chun úirlisidhe agus feidhmeanna eile. Mar a chéile nó cruaidh gach cnámh 'n-a chorp: cnámha láidre, fuilngtheacha, doibhriste. Ar nós na cruaidhe bhíodh gach buille uaidh: cruaidh, daingean, tailc. Dá mbudh chruaidh me ní sheasóchainn a bhfuil d'obair orm: dá mbeinn chómh dochaithte, fadhartha le cruaidh.

cruaidhcheart: *a.* dian; neimhghéilleamhail. Bhítheas cruaidhcheart ar an mbaintreabhaigh bhoicht a's an táille do bhaint di toisc í do bheith ag tuilleamh corónach sa tseachtmhain: ródhian: níor géilleadh dá broid mar budh chóir.

cruaidhchéim: *b.2.* cruadhtan, iomard. Cruaidhchéim leis an Seic dob eadh an oiread úd talmhan do ghéilleadh don Almáin toisc a laige chun cómhraic: cúrsa diachrach. Cruaidhchéim lé gach Éireannach seadh an tír bheith 'n-a dhá roinnt de dheascaibh na connartha lé Sasana: rud seadh é a ghaibheas tríotha: diachair. Dhein na foghlaidhthe bráighe den leanbh agus ní fhuasclóchaidís é gan éiric ann, cruaidhchéim dá mhuinntir ná raibh gustal aca chuige: cúrsa dolbhach, diachrach. Bliadhain ní ghaibheann tharm gan tubaist éigin do theacht orm, cruaidhchéim seadh mo shaoghal: in aghaidh na bliadhna bíonn iomard ar bhun iomaird orm.

cruaidhchéimeach: *a.* dian, dochraideach. Lá cruaidhchéimeach do Phádraig Sairséal dob eadh an lá b'éigean do seóladh thar lear leis na Géadhannaibh Fiadhaine gan súil lé n-a dtír dúthchais d'fheicsint choidhche airís: lá brónach, bristechroidheach. Budh chruaidhchéimighe liom scaramhaint lém shaoirse ná lém bheatha: b'fhearr liom an bás féin ná maireachtaint i ndaoirse.

cruaidhcheist: *b.2.* fadhb doiréidhtighthe. Cruaidhcheist seadh cá ngaibheann an t-anam: rud atá thar thuigsint an duine. Filleadh na gcoilínidhe ar an Almáin a bhaineadh di tréis an Chogaidh Mhóir cruaidhcheist seadh í: cúrsa is deacair do shocrughadh.

cruaidhghéagach: *a.* láidir, acfuinneach i ngéig. An buille a theip air ag tabhairt fén bhfear eile deirtear go leagfadh sé cor-each, nár cruaidhghéagach an iarracht í?: fuinneamhail, lán de neart dochuimse. Bíonn an fiadh caol fé ach bíonn sé cruaidhghéagach: i ndán tuirse a's tóraidheacht d'fhulang. (**cruaidhloirgneach**)

cruaidhmheas: *b.3.* leagadh lé cáineadh; dian i mbreith. Thug an sagart cruaidhmheas ar na próisteánachaibh nuair dubhairt sé go rabhadar uile damanta, peacamhail: breith ródhian. Ó thúis deireadh ar scrígh sé ar Éirinn, cruaidhmheas a bhí aige uirthe: do shíor ag tagairt dá holcas a's do dhubháilcidhibh a daoine: tromaidheacht cháinteach.

cruaidhrighin: *a.* docht, deacair a bhogadh, fuilngtheach. Bíonn préamhacha cruaidhrighine ag aiteann gallda: greamuightheach sa talamh a's deacair do bhriseadh. Ní maith an earra lé n-itheadh feóil na seanbhó san, tá sí chómh cruaidhrighin a's ná stracfadh an saoghal as a chéile í: greamuightheach, doscartha. Gheobhair amach uaim gur cruaidhrighine d'fhear é ná mar is eólach duit, agus ná faghair ar bhreith do bhéil féin é: deacair é d'fhagháil lé géilleadh d'argóint nó d'áiteamh.

cruaidhteachán: *f.1.* duine sprionnlaithe, duine gur deacair ádh ná eadhladha d'fhagháil air. Ná bíodh súil lé haon charthain agat ón gcruaidhteachán san, ní fheicfeadh sé a chroidhe dá mbeadh sé ar a bhais aige: duine beagchroidheach. Ná bac cruaidhteachán i mbun siopa; ní fhanann na daoine aige: duine ná tugann cáirde, ná bíonn faidtheadhlach lé n-a rochtairidhibh.

crúb: *b.2.* mág ainmhidhe, cos (duine) mhór, mhíochúmtha; an foladh adharcach a bhíos ar chosaibh ainmhidhthe áirighthe – an capall, an t-asal, an ráineach, an cor-each, an bhó etc. Nách gránda na crúba do chuir Dia air: cosa míochúmtha. B'fhearr dhuit leigeant domhsa, ar eagla go dtógfainn do chrúba os do chionn: go mbuailfinn thu, go leagfainn go mbeadh do chosa anáirde san aer mar bheadh ainmhidhe ceathairchosach ar a dhruim. Tabhair na crúba anois do: imthigh go pras nó tá ort é do shiubhal. I rith an lae chongaibh sé an chrúb agam: níor fhág sé me ach ghom leanamhaint ó áit go háit. "Tiocfaidh an dúthchas trís na crúbaibh a's leanfaidh an chú an girrfhiadh" (seanfhocal).

crúbadán: (**crúbachán**) *f.1.* duine nó ainmhidhe aimlidhthe, mórchosach. Deich míle ní shiubhalófá go ceann seachtmhaine, a chrúbadáin: duine is neamhchórach cos, gan scaoilteacht coisidheachta. Idir cheithre gheata an Daingin ní bhfaghfá bróga a oireamhnóchadh an crúbadán!: duine aimlidhthe ar a chosaibh. Thuit sé leis an bport árd, a's deineadh crúbadán de: fuairnín: ní raibh ann corruighe. Féach mar thuiteann an ghloinne uaidh, nách é an crúbadán ar a ghéagaibh é: an duine gan aicillidheacht. (**crúbánach**)

crúca: *f.4.* dubhán greamuighthe, mág, úirlis go mbeadh ceann cromtha nó casta; an cor a bhíos i maide (bata) siubhail; lán glaice. Chaith sé crúca airgid ameasc na leanbh bocht: oiread agus chonghaibheóchadh a ghlac. Ní fhéadfadh sé gan crúcaidhe airgid do bheith aige (airgead n-a chrúcaidhibh aige) a's a rádh ná fuil sé i dtigh na mbocht ar a gcaitheann sé: mórchuid: leachta: cruacha. B'ait é thu a's do chuid éadaigh do chur dhá dhéanamh chun an tailliúra san, ní bhfaghair as a chrúcaidhibh ambliadhna é: ní bheidh réidh leis. Dá bhfaghainn chun mo chrúcaidhe é nuair bhí an fhearg orm budh me an sagart udhachta a bheadh air: greim d'fhagháil air. Mo lámh a's m'fhocal duit dá bhfaghaim mo leabhar chun mo chrúcaidhe airís ná leigfinn ar cáirde é: im sheilbh. Duine dícheallach chun an tsaoghail seadh is iomdha rud go mbíonn a chrúca aige ann: go mbíonn baint aige leis, d'iarraidh sochair do bhaint as. Croch do chasóg ar chrúca: úirlis adhmaid nó iarainn go mbeadh cor ann oireamhnach dá ghnóth. Na crúcaidhe géag lé neart atá air: crobhanna móra, láidre. Chuir sé a chrúca ann: bhí cuid aige dhe. Chuir sé a chrúca innte: cheap sé í. B'fhuraiste aithint go mbeadh dul go holc air, is fada crúca ag an

ndiall (é i gcrúchaidhibh an diaill) ann: greim ag an ndiall air. Éadach crúca: éadach soláimhe: déanta, oireamhnach lé ceannach.

crúcáil: *b.3.* d'iarraidh greama do bhreith leis na lámhaibh, go minic d'aindeóin chách nó an chómhsparnaidhe, d'iarraidh greama do bhreith mar bheadh in iomarascáil. B'é deireadh na crúcála muinnteardha gur bhuaileadar a chéile: sádhadh a's tarrac a chéile lé seódh. Cuireadh síneáil throm air i dtaobh bheith ag crúcáil na mná: gha greamughadh a's ghá tuargaint in aghaidh a tola. Chaith sé an lá ag crúcáil d'iarraidh na dtéad do réidhteach: ag breith ortha a's ghá n-iondrabháil. Ná bíodh aon chrúcáil ort, ach beir i gceart ar bhéal an mhála: útamáil: breith go neamhchúramach, neamhchruinn. Crúcáil an diaill bhuidhe do bhí aige leis an airgead, shaoileas ná scarfadh sé choidhche uaidh: láimhseáil: láimhseáil ná cuirfeadh in iúil cad thuitfeadh amach.

crúcálaidhe: *f.4.* duine faidghéagach go mbíonn greim nó stiall mhaith aige gidh gurb aindeis do chuirfeadh sé chun a dhéanta. Cuir uait, ar mh'anam go mbeadh mo mhuinghin as Liam má tá ceal eolais dóirneála féin air. Crúcálaidhe maith seadh é: fear nách aon dóigh a ghéaga ná an tslighe do bhaineann áis asta. Crúcálaidhe maith ar rainn nó ar shluasaid is eadh: righin, láidir chun a n-oibrighthe.

crúcán: *f.1.* an úirlis a chasas súgán; duine ná bíonn seasamh ródhíreach aige; lámh ar crochadh lé duine i bhfáisceán. Beidh a cos 'n-a crúcán go deó, ní haon teacht suas do dhéanfaidh sí: cam: cor innte. Crúcán fir seadh é, ní gheobhfí leis 'n-a shaighdiúir: gan é bheith glan-díreach-chnámhach: gan an seasamh ceart do bheith aige. Tháinig an bád chun cuain ar an gcrúcán: gabhal uisce i lúib thalmhan. Duine "cruisteachach" seadh é ná féadann aon rud do leigeant tharais gan a chrúcán do bheith aige ann: baint éigin: lámh éigin.

crudhadh: [**crúdhadh, crúdh, crudh**] *f.* (*-úidhte*) bainne do bhaint d'ainmhidhe; an méid bainne do baintear d'ainmhidhe; do bheith ag síorthógaint ó dhuine gan cúiteamh air. Aimsir crúidhte bó. "Cailín deas crúidhte na mbó" (amhrán). I ndubhluachar na bliadhna seadh rug an bhó agus dá chionn san budh bheag é a cruadhadh: an méid bainne a bhí aice. Leig an t-amadán dóibh bheith ghá chrudhadh gan aon rud do dhiúltughadh ortha go dtí gur bhochtnuigheadar é: ag mealladh a choda uaidh go neamhscropallach (aillbhreith). Lé brón a's uaigneas thug sí an oidhche ag cruadhadh na ndeór ar a céile (marbh): ag gol go fuidheach.

crudhaim: [**crúdhaim**] *b.a.* bainim bainne d'ainmhidhe; (aillbhreith) bainim airgead, earraidhe, rún, etc., de dhuine lé bobghliocas; tugaim deóra. "Chrudhadar an gamhnach agus shniogadar í" (aillbhreith): d'óladar agus dhiúgadar an soitheach nó an baraille go tóin. Dá mhéid iascaireachta a bhí air níor chrudhaidh sé aon rud uaim-se a theastuigh uaim do chongbháil 'n-a rún. Pócaidhe crúidhte agam tréis na saoire: pócaidhe folamha. Chrudhfainn mo ruisc lé cion ort dá n-éirigheadh aonnidh dhuit: ghoilfinn go trom anuas dem shúilibh. "As a ceann do chrúidhtear an bhó" (seanfhocal): an bhó a gheibheas ceannúireacht is aice bhíonn breis bhainne.

crudhthach: [**crúdhthach**] *f.1.* sochar ainmhidhe bleachta, cuid mhór fuail etc. Ba maithe iad-san go mbíonn crudhthach breágh (bainne) aca: cuid mhór bhainne. Dhein an bhunóc a chrudhthach ar an mbairlín: do mhún an bhunóc fúithe. Ólaidh libh! tá crudhthach maith san mbaraille fós: tá go leór leann (dighe) ann fós.

crúibín: *f.4.* an áit de chrúib muice nó caorach go mbíonn an ladhar. Cad tá ar na crúibínidhe (muc): cos na muice ón speir síos. Buaileadh lé hainnse bhata é agus tógadh a chrúibínidhe os a chionn: a dhrom ar an dtalamh a's a chosa anáirde! Nách beag aimilidhthe na crúibínidhe cos atá air: cosa i bhfad róbheag gan aon fhaididheacht.

crúibíneach: *b.2.* aicíd a thagas i gcrúib na caorach.

cruime: *b.4.* caime, cromthacht. Cruime an fhir sin, ní fhéadfá léigheamh air: ní féidir trácht ar a neamhmacántacht. Cruime ó thinneas cnámh ná féadfadh sé é féin do dhíriughadh uaidh a's ní ón aos: cromadh chun talmhan.

cruinn: *a.* iomlán, slán; baileach, cruinnighthe, feistighthe; ceart, cliste, i seilbh a mheabhrach; cinnte; dlúth; sprionnlaithe, suarach; corbholgach; beacht. Beir leat an scéala go cruinn agus ná bíodh aon neamhthuigsint i dtaobh a bhfuil ar m'inntin – go dteastuigheann géilleadh gan coingheall uaim: scéala iomlán, soiléir. Fuair sé an céad púnt go cruinn gan pingin fé ná tharais: go beacht: gan breis ná luighead. Ní fhéadfadh ná gur dod dhreatháir do bhí sé ag tagairt, thug súd a chómharthaidhe – árd, téagartha, óg, fionn – go cruinn uaidh: na seórthaidhe go léir fíor. Sin é do chuid airgid cruinn annsan agat: é ar fad (atá ag teacht chughat). "An í sin an scian a bhí ar iarraidh uait?" – "sí go cruinn": gan aon amhras. "Nách dóigh leat go bhfuil fonn cogaidh ar na cómhachtaibh móra?" – "tá go cruinn - sin mar thaidhbhseóchadh sé d'aonne". Bíodh gach aon nidh cruinn tímcheall na ndóirse sara dtéigheam a chodladh: feistighthe in aghaidh tionóisce. D'fhágas gach aon rud go cruinn baileach mar fuaireas é: ina ionad a's n-a órd cheart. Is ró-thábhachtach go bhfreagrófá gach ceist chómh cruinn agus tá ar do chumas, óir is ort atá saoradh nó daoradh an fhir chúisighthe: díreach, beacht, ceart. Bí cruinn léd láimh nó doirtfir an bainne: aireach, neamhchritheánach 'n-a stiúradh san áit cheart. Ainmhidhe cruinn (-chosach) seadh an cor-each: is féidir bheith deimhnightheach ná faghaidh barrthuisle nó ná straoilfidh. Is maith cruinn do chuir an t-imireóir sin an báire isteach a's a neamhchomhthromaighe a bhí an poc: aimsiughadh sármhaith agus breitheamhantas ceart. Urchar cruinn seadh piléar do chur trí fháinne: urchar go mbíonn aimsiughadh cliste ceárdamhail leis. D'imthigh dá mheabhair a's b'éigean é do chur go tigh na ngealt, ní raibh sé ró-chruinn an lá b'fhuaimeantamhla é: ciall na tuigseana gan bheith go maith aige. Faic 'e bharra níl cruinn ar an mbórd so ach gach aonnidh trí chéile: san ionad gur chóir dóibh do bheith. Mara mbíonn clocha criunn os chionn a chéile i bhfalla ní fhéadfadh gan drochthógáil do bheith agat: in oirear cheart. Siubhluigh cruinn a's ná bí sall 'sanall ná ag suaineáil: díreach. Sheasuigheadar cruinn os chionne a chéile: díreach ar aghaidh a chéile. Beir cruinn ar do sciain agus ná gearradh sí thu: beir mar is ceart uirthe. "Fuairis drochaimsir ar an bhfarraige" – "is me a fuair go cruinn: drochaimsir chinnte dob eadh í, agus fuaireas mo dhóthain di". Cuir uait, ná bíodh aon iongadh ort airgead do bheith aige, fear cruinn nár leig pioc dá chuid ar bóiléagar a's a bhailigh an uile phingin dá thuilleamh ar a chéile: fear baileach, neamhscaipightheach. Léan air mar scéal! ní

maith an rud bheith rórabairneach a's tú féin do dhealbhughadh; ní measa é ná bheith róchruinn a's bheith it airiceach: bheith beacht d'iarraidh bailighthe a's coigealtha, gan fonn scartha le haon nidh fiú ar son ghannaidhe. Cómh cruinn a's ná tabharfadh deoch 'en uisce dhuit chun an anama do chongbháil ionat: sprionnlaithe. Beag dá dhearmhad orm cad dubharthas, thugas cluas chruinn don uile fhocal do labharadh: cluas aireach. Aon rud amháin go bhfuil gach aonne cruinn air – an bás! deimhnightheach de. Mara bhfuilir cruinn air, ná cuir beart chómh náireach i leith aonne: deimhnightheach, dearbhtha dhe. An rud atá uait, cuirfead cruinn díreach thú air: treoróchad san áit cheart lom díreach thu. Gloinne chruinn atá ar an lóchrann cun breis sholais do thabhairt: gloinne agus tímcheall aice gan cúinne ar dhéanamh liathraid. Shúngcáil an bád sa "Pholl Cruinn": poll ar dhéanamh an chorcáin. D'aithneóchainn ar dheallramh t'athar thu in aon áit, nach cruinn do chuadhais leis: airidheanna agus tréithe t'athar go soiléir lé feicsint ionat. "Tá an lá go breágh chun coisidheachta" – "tá, go cruinn": gan aon amhras tá mar sin.

cruinne: *b.4.* an domhan, an saoghal mór; beachtaidheacht, beachtacht, cruinneas; iomláine, sprionnlaitheacht; críochnamhlacht; coimeádtacht coda; timcheallacht. Daoine na cruinne ní chuirfeadh iachall air stad leis an bhfonn a bhí air: daoine an domhain: na sluaighte. Ar airgead na cruinne, ní dhéanfadh aon fhear galánta beart lag: ar ionmhas mór: ar aon tairsgint thairbhigh. Budh dhiall an neart a bhí ann, chonnac é lá agus ualach na cruinne thiar air: ualach thar meón dhá iomchar aige. A chómhluadar na cruinne, éistigh lém eachtra: sibhse uile atá bailighthe im thímcheall. A Rí na cruinne fóir ar m'anam bocht: a Rí an domhain mhóir. An chruinne go léir do thaisdeal ní bhfaghfá áit níos áilne: an domhan ar fad. Is deacra ná mar is dóigh leat an charraig sin do scoltadh lé n-a cruinne: mar gheall ar í do bheith i bhfuirm fáinne nó corcáin. Ní ar an mbeagthuarasdal do bhí aige do bhailigh sé an stór ar fad ach lé n-a cruinne an uile phingin de do chur i dtaisce: coimeádtacht: neamhscaipe(acht). Ní scarfadh sé lé púnt ar dhochtúir chun a anama do shaoradh, lé n-a cruinne: cumhainge croidhe agus sprionnlaitheacht. Gach piléar dár caitheadh chuadhadar i bhfeidhm lé n-a gcruinne: lé feabhas dírighthe a gcaimse. Thugais leat an scéal sa chruinne, is maith an teachtaire (scéalaidhe etc.) thu: ina iomláine: gan aon lúb ar lár. D'fhilleas an céad púnt sa tslán-chruinne: gach uile phingin de. Níor thaithnigh mo scríbhinn leis an eagarthóir, fuair sé locht ar cheal cruinne na bhfocal: iad bheith gan dlúthacht: iad bheith ró-scaithte. D'imthigh an chruinne as mo ghéagaibh leis an gcritheán: cómhacht a lútha chun gach ruda do dhéanamh mar budh cheart.

cruinneáil: *b.3.* (*iol.* –néalacha) (**cruinneáilt**) do bhailiughadh; cruinniughadh; cómhdháil. Déin cruinneáil ar na leabhartaibh sin 'n-aon chúil amháin: bailigh iad. Chuir sé cruinneáil ar a dhaoinibh muinnteardha i gcóir a bhainise: thug sé cuireadh dhóibh teacht i bhfochair a chéile. Cheannuigh an siopadóir pé cruinneáil ubh a bhí lé fagháil aige: bailiúchán. Tá an pobal ag cruinneáil chun an aifrinn: ag bailiughadh lé chéile. Ag cruinneáil atáir riamh, a chníopaire: ag bailiughadh airgid go beacht a's go bocht. Is olc an chruinneáil atá thiar aige: tóin nó scamall bagarthach i gcómhartha ceatha nó drochaimsire. Tá an lá ag cruinneáil: scamaill droichshíne ag bailiughadh. Tá an chneadh ag cruinneáil: othar ag teacht innte. B'fhada ag cruinneáil istigh aige dhom é: olc dhá chothughadh aige.

cruinneálaim: *b.a.* *7* *n-a.* bailighim, tugaim lé chéile; carnuighim. Cruinneáil do mheabhair! bíodh ciall a's éifeacht leat: ná déin aon rud nár cheart duit. Cruinneálfad a bhféadfad agus annsan raghad ar mo shos: baileóchad an méid airgid nó ionmhais is féidir liom i gcóir dheireadh mo shaoghail. B'fhearr gan an chneadh san do leigeant go gcruinneálaidh sí ar fad: go n-aibigheann sí. Baineadh anleagadh as an marcach, agus sara a raibh a mheabhair cruinneálta aige bhí a chapall bailighthe leis: sara raibh a thoisc soiléir aige. Ní chruinneálfaidh feirmeóiridhe léas arbhair leis an ndrochaimsir: ní bhaileóchaid: ní chuirfid i gcrích. Chruinneáladar air agus bharcadar é: bhailigh an díoscar air. Is geairrid saoghal an bharaille nuair cruinneálfar air: nuair ionnsóchaidh sluagh ólta é.

cruinneálaidhe: *f.4.* bailightheóir díoghrais, dúthracht; duine a bhailigheas chun a thighe nó chun a thairbhe go dícheallach. Cruinneálaidhe maith mná tighe seadh í, ní fheicfeá aon easnamh ar a cistin: gach aon rud a oirfeadh di bheadh aice, má fhéadfadh, ar an gcostas is lugha. Cé shaoilfeadh go ndéanfadh aon chruinneálaidhe oiread saidhbhris i bpoll beag de shiopa mar é: bailightheóir dícheallach, sciotuighthe. Dá fheabhas de chruinneálaidhe seanchainnte thu, beidh cuid mhór féd chuardach ges na seandaoinibh: bailightheóir díoghraiseach, dúthrachtach.

cruinneas: *f.1.* beachtacht (i gcainnt, in iarracht caimse nó diúbhraice, in argóint, i gcois, i láimh, i súil, i gcluais, i gcéill, i dtuigsint etc.); tímcheallacht, dlúthacht; críochnamhlacht (sparáin). Dá mbeidhtheá ag caitheamh go hoidhche ar an éan ní bhuailfeá, mar ná fuil aon chruinneas id urchar: díriughadh ceart ar an spric. Le cruinneas a chos andhrapadóir dob é: aicillidheacht agus clisteacht 'n-a n-ionnramh. Táir ar an lasán amháin anois, agus mara míonn cruinneas ionat (id ghéig), teine ní dhéanfair choidhche: aire agus deimhnightheacht ná múchfaidh sé ort. Toghadh na cor-eacha chun siubhalta ameasc aimhréidhteacht na gcnoc lé cruinneas a gcos: cinnteacht ná stroillfidís. Budh shoiléir an nidh a bhí ar aigne aige le cruinneas a cuid cainnte: sothuigse: léire. Lé ceal cruinnis agus é ag nochtadh an chúinne do bhuail sé an gluaisteán ar an gclaidhe: theip air í do stiúradh mar budh cheart chun í d'imtheacht gan matalong. Lé méid a aoise níl cruinneas i láimh ná i gcois anois leis: níl a ghéaga i ndán a bhfeidhm nádúrdha do dhéanamh. Toisc cruinneas na gcloch ní bhfaghaidís greim ceart sa bhfalla: déanamh an fháinne do bheith ortha. Ní fhéadfainn bheith ródheimhnightheach i dtaobh a ndubhairt sé, mar bhíos rófhada uaidh chun a ráidhte do thabhairt chun cruinnis: an bhrigh cheart do bhaint asta. Muna dtugair chun cruinnis an ghloinne sin ní fheicfir go maith tríthe: muna gcuirtear san tsiúnta cheart í chun gaethe an tsolais do bhreith le chéile agus an dealbh d'fhagháil. "Ní cruinneas go dtí é", ars an té a chonnaic fear ag breith aráin i gcóir an lae leis 'on Daingean: cinnteacht: ceachaireacht: sprionnlaitheacht. Dá mbeadh cruinneas ionat bheadh rud agat: críochnamhlacht: congbháil do choda i bhfochair a chéile a's gan leigeant do scaipeadh ar bóiléagar ná gan chúis mhaith. Is baoghalach go bhfuil an fear breóidhte ag dul chun deireadh, níl aon chruinneas n-a chainnt indiu: seachrán nó iomrall cainnte air. Ar gcailleamhaint a gléis stiúrtha don luing chogaidh níor fhan cruinneas ar bith 'n-a gunnaidhibh: ní rabhadar ag rúideadh go díreach.

cruinneóg: *b.2.* beartán nó allait chruinn. Dhein cruinneóg de lé feóil: tháinig coimpléas do. Leagadh i mbéal an bháire (báide) 'n-a chruinneóig é: mar bheadh ceirtlín.

cruinnighim: *b.a. 7 n-a.* bailighim lé chéile, tagaim ar a chéile, cruachaim, carnaim, cóimhthionólaim. Marbh go rabhad má chruinnighim go deó puinn airgid, mar is iomdha scraiste aca sínte san uaigh a fhág 'n-a ndiaidh é a's a gcuid rachmais dhá chaitheamh go suairc ag an ndream nár thruagh leó iad treascartha: bailighim lé cruadhas. Chruinnigh sé thiar agus dhein an-dhroch-lá dhe: tháinig bróintidheacha agus scamaill san áird sin. Chruinnigh an chneadh go raibh oiread aon tsóirt innte ('n-a h-allait mhóir): líon sí d'othar. Cruinnigh thu féin: bailigh do bhalcaisidhe id thímcheall go gasta. Cruinnigh do chainnt, ní bhainfeadh aonne tát ná éifeacht asat: labhair go soiléir ar an rud atá i dtreis. Cruinnightear air: bailightear 'n-a thímcheall agus ionnsaidhtear é, nó tagtar 'n-a thímcheall chun éisteachta leis. Cruinnightear uirthe (teine): cuirtear tuilleadh agus tuilleadh connaidh, guail, móna, etc., uirthe. Chruinnigh sé go maith ó thosnuigh sé ar chothughadh maith d'fhagháil: tháinig breis chuma air agus líon sé amach go cúmtha, déanta.

cruinnighthe: *a.r.* bailighthe, tagtha lé chéile, deaghdhéata, gonta; gasta. Thugais cainnt chruinnighthe go maith uait agus bhí a rian air, éistigheadh go cruinn leat: cainnt shlachtmhar, ghonta go raibh deallramh uirthe. Níor mhaith liom tabhairt fén bhfarraige, mar bhí sé cruinnighthe go mór laisteas: scamaill bhagarthacha, droichdheallraimh bailighthe ann. Ainmhidhe gleóidhte cruinnighthe seadh an capaillín sin agat: déanta dréir a chéile. Seadh, a champlacht, tá sibh ann go cruinnighthe: go toghtha: budh dheacair bhur lithéididhe eile d'fhagháil. Dubhart leis a raibh ar m'aigne agam mar b'fhada cruinnighthe agam do é: istigh agam do: réidh lé n-a rádh.

cruinniughadh: *f.* (*-uighthe*) do bhailiughadh; do bhreith lé chéile ar aon ionad nó láthair; do chur i bhfochair nó i dteannta a chéile 'n-a charn nó 'n-a chlais; bailiughadh daoine; pobal; bailiúchán airgid; airgead tirim. Bíonn cruinniughadh mór san árdtheampall: pobal mór chun adhartha Dé. "Cloisim go bhfuil mórán airgid aige" – "tá cruinniughadh": suim mhór. Deineadh cruinniughadh dho chun a adhlactha: bailigheadh airgead. Beidh cruinniughadh poilitidheachta ann: tiocfaidh mórchuid daoine lé chéile chun éisteachta lé craobhscaoileadh duanghaoise áirighthe.

crúiscín: *f.4.* crúsca beag. "Ceaca den gclainn tusa?" – "mise scríobadh an chrúiscín": an té is óige. An iomad dúlach sa chrúiscín do dhein a dhíobháil: dúil rómhór san ólachán.

cruit: *b.2. 7 3.* (*iol.* –teanna) crotha; mullach; druinn (dronn); fíorbharr; an corplár istigh. Léan id chruit!: léan id chroidhe (eascuinghe lag). Budh dheacair casóg do dhéanamh do, bhí cruit air: druinn: cnapán ar an ndrom. Anáirde i gcruit an tighe: drom an tighe. Drochubhall seadh é, tá an chruit lobhtha aige: an croidhe istigh ann. Connus tá do chruit, a chara mo chroidhe?: connus tá do chorp.

cruitín: *f.4.* scáth fuinneóige ionoscailte agus iondúnta. Fill an cruitín.

crúnca: *f.4.* duine cromtha (nó ar a chromadh) nó martruighthe. Dheineas crúnca dhíom féin cois an chlaidhe ón sín chun fothana: chuadhas ar mo chromadh: chonnluigheas me féin ar a chéile. Bhailigh na daoine óga go léir leó, níl 'n-a ndiaidh ach crúncaidhe: daoine cromtha leis an aois. Dhein an girrfhiadh crúnca dhe féin agus scaoil an chú dá dhruim amach: luigh sé agus chonnluigh é féin ar a chéile.

crupach: *a.* seirgthe, casta ar a chéile, dulta ann (éadach etc.), stangtha. Mo chuid éadach crupach ón uisce: seargtha, dulta 'n-a chéile. Mo chnámha crupach ó bheith ag obair, gur ar éigean is féidir liom corruighe: stangtha: ceangailte ar a chéile. Táir ag dul chun deiridh, tá cuma chrupach ag teacht ort: cuma aimlidhthe: níl do chnámha lúthmhar.

crupóg: *b.2.* roc, grug. Cuir an t-iarann ar an éadach san agus slíog é, tá sé lán de chrupógaibh: cnapáin bheaga. D'aithneóchadh neach ar na crupógaibh 'n-a aghaidh go raibh aois mhór aige: ruic: ceal slíogachta: riastaidhe a's éirighthe 'n-a chneas.

crústa: *f.4.* an screamh chruaidh a thagas ar arán le bácáil nó faid bácálta; uachtar cruaidh, duine gan féicheamhantas. Tóg an bhollóg tá sí 'n-a crústa: róbhácálta. Tháinig an oiread san triomaigh ná fásfadh aonnidh mar go raibh an talamh 'n-a chrústa: cruaidh: palcuighthe. Caith go dtín madra an crústa aráin sin, ní dhéanfadh m'fhiacla aon lámh air: geannc thirim, lánchruaidh mar bheadh bácálta lé fada. Crústa diaill seadh é ná bíonn focal den gcainnt aige, a's ná faghann aonne ádh ná ealadha air: duine neamhfhéicheamhanta: duine gan teacht aniar ann: gan buige, gan subháilceas. Thuit sé leis an bhfaill a's deineadh crústa dhe: ailp gan anam, gan chor. Mara mbeinn im chrústa ar leithrigh connus fhoidhneóchainn lé tarcuisne?: duine gan motháilt.

crústa: *f.4.* urchar maith, caimse, rud do caithtear (mar cloch); buille 'e dhorn. Buaileadh le crústa sa tsróin me, a's seo anuas na srutháin (fhola): buille de dhorn nó de chloich, etc. "An bhfuil crústa maith lé gunna agat?" - "níl, ní bhuailfinn capall bán!": caimse chruinn. Smachtaidh an máighistir sinn i dtaobh bheith ag caitheamh crústaidhe ar a chéile: urchair: clocha nó scraithínidhe nó a lithéididhe.

crústáil: *b.3.* dóirneáil; troid; ag bualadh a chéile lé clochaibh, etc. Ag crústáil a chéile mar bheadh scata tuinncéiridhe ar aonach: ag bualadh a chéile go mion agus go minic lé n-a ndóirnibh a's pé airm budh chaothamhla dhóibh. Beag dóirneálaidhe a bhí i ndán Ó Díomsaigh do chrústáil: seasamh leis i ngleic dorn. Nuair bhíomair beag chuirimís buidéal anáirde ar chlaidhe agus chromaimís ar chrústáil air: ag caitheamh d'fhéachaint cé bh'fhearr nó budh chruinne chun a bhuailte. B'fhuraiste an bheirt do chur ag crústáil, mar tá an diabhal lé nimhneacht ortha araon: ag bruighean. "Cé chrústáil! a lithéid de bhruighin lé feabhas lé faid, a dhuine!" Is maith do raghaidh a chrústáil don nduine tarcuisneach san: tá bualadh maith tuillte aige. Fuaireas mo chrústáil ón máighistir i dtaobh bheith ag cainnt: smísteáil: bualadh mar smachtughadh.

crústálaidhe: *f.4.* trodaire, dóirneálaidhe. Is fearr de chrústálaidhe ná d'iomrascálaidhe é: is fearr ar a dhorn é. Bhí Seán Ó Díomsaigh, dréir tuairisce, ar an gcrústálaidhe dob fhearr a sheasaimh sa chródh ariamh: an dóirneálaidhe.

crústálaim: *b.a.* buailim lém dóirnibh, lé clochaibh, lé haon urchar a caithfí as an láimh: dóirneálaim, troidim. Chrústáladar an t-anam as a chéile: bhuaileadar a chéile go dóighte leis na dóirnibh. Ná crústáil ar mo mhadra: ná caith urchair air. Chrústálfainn seisear mar thu: gheóbhainn ar etc.: bheinn maith bhur ndóthain díbh ar dhorn.

crústuighim: *b.a.* buailim go cruinn. Crústuigh airís: caith airís. Gach uair dár chaith sé chrústuigh sé an cailcín (an sprioc, an cocroth): bhuail sé an marc gur chaith sé air.

crutaon: *f.1.* cosamhlacht chruinn cheart; aithbhreith. Nách tú id chrutaon atá sa pheictiúir sin: nách é do chlódh, do chosamhlacht agus do dheallramh. A chrutaon de dhuine níor bhuail riamh liom lé seasamh a's fearamhlacht: a mhacasamhailt. Déanfad do chrutaon as an mblúire adhmaid seo: do dhealbh díreach mar taoi i gcruth a's gur furaiste an chosamhlacht eadraibh d'aithneamhaint.

cruth: *b.3.* stáid, dáil, aiste, cuma; dealbh, déanamh. Deireadh sé go bhfeaca sé an chruth ghránda ag éirghe as an loch ach ní fhéadfadh cúntas do thabhairt ar a chruth mar amhailt mar í ní fheacaidh a shúile cinn riamh roime sin: an déanamh: an dealbh: cad é gur chosamhail leis í. "Seo seódh duit", ars an draoi, agus ar fhéachaint uirthe raghair i gcruth éin agus is féidir leat eiteal tríd an spéir: i ndeilbh éin. Dá mhéid an gortughadh agus an athchumadh do deineadh ort, táir id chruth féin airís, budh dhóigh leat nár bascadh riamh thu: id chuma féin. B'ait an chruth do chidhfeá ar néalaibh an tráthnóna, caisleáin, capaill, etc.: an déanamh. Budh cheart don scéal so an chéad duais d'fhagháil, tá cruth mhaith air: líomhadh nó cur lé chéile maith. Bhídís ag imirt gleáchais ar an seanduine, thagaidís chuige i gcruth bacach nó seanbhan ag baint ghrinn as: gléasta mar iad. Táir i gcruth do phósta go maith: tagtha 'n-a lán aoise. Téidhir i gcruth oibre agus cuir uait an díomhaointeas: cuir clódh na hoibre ort féin. Tá an tigh i gcruth ag an saor: cuma agus dealbh tighe curtha air. Luathuigh agus téighir i gcruth iascaigh: tiargabháil i gcóir iascaigh. Nách fada théarnuigheann sé, a's é i gcrothaibh báis le mí: ar thuilleamh bháis: ag foghluim an bháis. Labhair sé liom i gcruth gur aithnigheas air ná raibh aon bháidheamhlacht aige liom: ar aiste: chuir a chuid aighnis san in iúil dom. Slán mo chómhartha, do bhí sé ráidhte go raibh cruth chómh neamhdhaonna san ar an mbunóic gur chuir na dochtúiridhe chun báis í: gan dealbh an duine uirthe. Níl cruth ná crot air: an déanamh nádúrdha ná é do bheith chosamhail 'n-a chuma shláinteamhail.

cruthach: *a.* córach, cúmtha. Ní raibh uaidh 'n-a óige ach mná budh chruthaighe ná a chéile a's d'fhág san gan aonne é: mná breághtha, dathamhla, deaghdhéanta. Toghadh í ar son a cos cruthach lé beith 'n-a rinnceóir: cosa córacha.

cruthaidheacht: *b.3.* tuisdin; do bhreith i mbith nó do bhunughadh; cuma nó deallramh. Tá bean ar an gcruthaidheacht is fearr do rinne Dia: tuisdin: an nidh a deineadh as neamhnidh. Cruthaidheacht mhaith seadh an scéal san atá cúmtha agat as do mheabhair chinn féin: déanamh nó cur lé chéile.

cruthaighe: *b.4.* córaidheacht, slachtmhaire. Toghfí in aon áit í lé n-a cruthaighe, féach ar a himtheacht 'sa deallramh: déanamh taithneamhach: "cuid na súl" innte. Bróg ní deacair d'fhagháil dod chois toisc a cruthaighe: déanamh cúmtha.

cruthamhail: *a.* córach, slacht-dhéanta, taithneamhach don súil, deallramhtach. Budh chruthamhla liom ná beadh aon chogadh ann ná go mbeadh, mar tá na cómhachta móra in eagla a chéile dá mhéid bagartha atá aca: budh dóightheamhla a chreideamhaint. Is ar na huaislibh ban do chídhfeá na héadaighe cruthamhla: éadaighe breághtha a thaithneóchadh leis an súil. Deirtear ins na leabharthaibh gur cruthamhail an fear é Tomás an tSíoda: maiseamhail: taithneamhach don súil.

cruthamhnas: *f.1.* deimhniughadh, dearbhadh, cinnteacht, fromhadh. I gcruthamhnas go bhfuil sé mór, báidheamhail liom, chuaidh sé in urradh sa bhannc orm: mar dheimhniughadh: fágann san soiléir an nidh adeirim. "Cruthamhnas mo dhóthain dom", ars an breitheamh nách é an fear so a dhein an choir go ndearbhuigheann triúr meastamhail go raibh sé fiche míle ón áit ar an uain: fínéacht, fiadhnaise: dearbhadh an tslighe gur féidir an fhírinne do bhunughadh. Cruthamhnas maith ar do scéal nách féidir lé neach tú do bhréagnughadh: deimhniughadh gur fíor é.

cruthanta: *a. n-dh.* beacht, go díreach, crothaonta (mar bheadh 'n-a steillebheathaidh nó 'n-a aithbhreith); toghtha; neamhchuimsighthe. Im amadán chruthanta dom indiu, níor dheineas aon rud i gcóir ná i gceart, ach go leibideach, ait: amadán im chrotaon seadh me: amadán corónta: deimhnightheach, dearbhtha: amach a's amach. "Cad é do mheas air sin mar dhathdhealbh díom?" – "is tú é go cruthanta": an chosamhlacht iomlán ar "gach cuma go dtí ambáireach". Níl aon teóra leis an ndúthchas ceart, is tú t'athair go cruthanta: t'athair in aithbhreith. Lá cruthanta chun iascaireachta é seo, tá an fharraige chómh mín lé sruth mhuilinn: toghadh lae: budh dheacair a shárughadh. Ag an mnaoi atá an chomhacht chruthanta sa tigh: cómhacht gan teóra gan cosc.

cruthnughadh: *f.* (*-uighthe*) bunughadh, ceapadh, cumadh. Sé lá do thóg sé ó Dhia an domhan do chruthnughadh: do dhéanamh: do chumadh. Is ait na cruthnuighthe do chuir Dia ar an saoghal: na rudaidhe idir bheo agus neambeó do chúm sé ná do cheap sé. Ó chruthnughadh an domhain ní raibh do lithéid de dhuine ann: riamh ó thúis.

cruthnuighim: *b.a.* deimhnighim, cúmaim, bunuighim 'n-a fhír. Cruthnuighim do go soiléir cá mbíonn a locht agus a dhearmhad a's mara mbeadh gur amadán cruthanta nó cladhaire glic ghéillfeadh sé dhom: foillsighim agus deimhnighim do an ceart do bheith agam agus connus. Ní chreidfinn focal uaidh, as a cheann féin do chruthnuigh sé an scéal san: do chúm. Cruthnuigheadh go raibh an domhan cruinn nuair seóladh tímcheall ó thoir go thiar a's ó thiar go toir: deimhnigheadh é: ní raibh aon easbhaidh ar an gcúrsa nár bh'fhíor é: bunuigheadh gur mar sin do bhí. Dia a chruthnuigh sinn: a thug anam a's corp dúinn: a bheir chun beatha sinn as neamhnidh amach. Níor cruthnuigheadh leat bheith chómh maith d'fhear liom-sa: níor thugais ar an saoghal leat é: níor cumadh tu chuige.

cruthnuighthe: *a.r.* ceapuighthe, cúmtha, beartha chun beatha. "Níl sé ach cruthnuighthe" deirtear lé h-ainmhidhe, duine nó aonnidh beó a bhíos anbheag. Caith uait 'on uisce an breac san níl sé ach cruthnuighthe: tá sé róbheag lé coimeád. Sara rabhais cruthnuighthe i mbruinn do mháthar: cúmtha.

cruthuighim: *b.a.* deimhnighim, cuirim i gcéill; cuirim thar amhras; cúmaim; iomcharaim (mé féin), foillsighim (go holc nó ar fheabhas). Náire chuige is olc a chruthuigh sé dá mháthair bhocht, dhealbh nár scrígh riamh chúiche ag cur a tuairisce: d'fhoillsigh sé go holc an armacamhlacht a bhí ag dul di. Dá gcruthuigheadh sé dhom gur leis an t-airgead do fuaireas ag dul amugha, comharthaidhe a thabhairt gurbh é a chuid é, gheóbhadh sé é: dá ndeimhnigheadh sé: a fhoillsiughadh chun mo shásta. Chruthuigh an fear go maith dá dhéine tásdáladh é, d'éirigh leis go buacach: rinne sé go hanmhaith: d'fhoillsigh sé go raibh sé i ndán bearta maithe do dhéanamh. Cé ná raibh deallramh rómhaith air 'n-a óige chruthuigh sé go sármhaith leis na bliadhantaibh: d'iompuigh sé amach go maith: chuaidh sé i bhfeabhas i gcorp 'si sláinte. Chruthuigh an capall chómh maith san fé theine sa chath gur thug Neapóilean ainm loga an chatha air: d'iomchair sé é féin chómh cneasta sásamhach. Cad é an náire seo ort? cruthuigh thú féin ameasc na cuideachtan: foillsigh t'fheabhas mar chách.

cú: *b.5.* (*iol.* cuite, cuin, cona) madra fiadhaigh, madra seang mear a néas fiadhach áitrighthe i dtaobh a luaithe agus radhairc géir; gaiscidheach nó laoch fir. "Is fearr an chú a bhíos sa tsiubhal ná an chú a bhíos san lúib" (seanfhocal): an chú nó an madra a bhíos sa tsoláthar is léithe is gnáthaighe rud do bheith aice. Deirtear so leis le duine a bhíos lasmuigh de ghnáth ag lorg seachas an duine gur fearr leis fanacht sa bhaile. Budh dhóigh leat gur cuite na ba atá aige: caol, seang, gan rian chothuighthe ortha. D'imthigh sé ar nós na con ar eagla bheith déidheanach: siubhal mór fé.

cuach: *b.2.* corn ólta, balla, aon árus a's déanamh cruinn air; ceirtlín shnátha; follamhantas nó cabhadh. "Dar lé dailtín na gcuach gur mar é bhíos an sluagh" (seanfhocal): an té go mbíonn rian na dighe air ó bheith ag ól as chuachaibh nó cornaibh is é a thuairm gur mar é féin bhíos an saoghal mór – ar díthcéille. Líontar amach na cuacha, is aoibhinn bheith ghá ndiúghadh: áruistidhe na dighe. Cuach an lóchrainn: an ghloinne chruinn a bhíos air chun breise sholais do thabhairt. Ag sileadh deór go raibh cuach 'n-a croidhe le brón a céile: go raibh deireadh silte aice: follamhantas: cnead ó bheith ag caoi.

cuach: *b.2.* dlaoi, dual, caschiabh, cúirneán, filleadh, cocán, lúibín, cuirnín. "A shuaircbhean óg na gcuach an-óir/ sí Cáit mo stór, etc." (amhrán): bean go raibh a folt cas mar bheadh fáinnidhe: a cuacha mar bídhís: trillse 'n-a folt: gach ruibe ó bhun go barr 'n-a fháinne. Báb na gcuach: óigbhean áluinn go raibh a folt tuillte lé dlaoithibh cas.

cuach: *b.2.* éan oilithrigh, imirceach. Ní h-ionann í agus aon éan eile maidir lé ná déineann sí a nead féin a's ná gorann sí a cuid ubh - tógann sealbh i nid éin eile, de ghnáth an gealbhán guirt; beireann a cuid ubh innte agus fágann fén ngealbhan a ngoradh: focal ceana: guth chaol. "Nára cloisir an chuach" (saghas eascuinghe) deirtear é le duine ná cloiseann nó a leigeas air ná cloiseann. "Scairbhmhí na gcuach a thagas go fliuch a's go fuar" (seanrádh): na laetheanta déidheanacha den Abrán a's laetheanta tosaigh na Bealtaine. Ar labhairt na cuaiche: ar ghlaodh na cuaiche. Mo chuach nó mo chuaichín thu: cion mo chroidhe thu. Pé in Éirinn cuach go bhfuilim i ngrádh léi: pé bean áluinn de mhnáibh áilne na dúthaighe. Tá cuach 'n-a ghuth, nuair chloisfeá ag cainnt é gan é d'fheicsint budh dhóigh leat gur bean labharfadh: séis ghrod chaol aige.

cuachta: *a.r.* traochta, tugtha, cnaoidhte. Seadh, tá sé cuachta fá dheireadh, is iongtach an seasamh 'san fulang a bhí ann: i mbéal bháis. Ní fada is fear é, tá sé cuachta 'ge h-aindeise: traochta.

cuaichín: *b.4.* cuach bheag nó óg; caschiabh; cailín gleóidhte; amhránaidhe binn. Níl sí róbhreágh nó ró-áluinn, níl innte ach cuaichín: cailín deas (gan bheith rómhór), gleóidhte. Mo chuaichín thu!: mo ghráidhín thu. D'éist a raibh láithreach lé binneas na gotha nuair chas an chuaichín a hamhrán: amhránaidhe ceólmhar. Bhíodh cuacha ar do mháthair, tá cuaichínidhe ort féin: dlaoithe i bhfuirm fáinnidhe.

cuaille: *f.4.* téadán nó téad casta tímcheall 'n-a chúil cruinn, cleith árd (fhada) láidir mar bheadh crann (luinge); pola; staic láidir, theann; bata láidir fada; stafóg, lorg, slachtán; duine díomhaoin; óigfhear nó óigbhean go mbeadh aoirde, déanamh dá réir agus fuinneamh ionta. Chaith sé deireadh a shaoghail i dTeach na mBocht ameasc na gcuaillidhe: na seandaoine gurbh éigean dóibh a dtriall do bheith ar Theach na mBocht mar thearmann: gan faic lé déanamh aca. Árd-chuaille fir a dhein de, os cionn sé troighthe, téagar dá réir a's cuma chruaidh, mhear air: fainge groidhe fir. A lithéididhe de chuaillidhibh ban a's tá ar an mbaile sin, gan snáthadh ná biorán cnotála ag cur mairge ortha: mná móra, taithigeacha, díomhaoine. Éirigh as san, a chuaille, gaibh amach agus déin rud éigin: a leadaidhe. Tá cuaillidhe fear a's bean de chlainn aige: tá a chlann go léir tógtha, fásta. Cad é an méid feadh sa chuaille sin, teastuigheann dachad feadh de théid mhaith, chruaidh uaim: cuairsce: rolla mór téide. Budh dheacair cuaillidhe do chur 'n-a seasamh i gcuilithe na habhann chun fotha d'fhagháil: staiceacha móra, láidre.

cuaird: *b.2.* turus gnótha nó caradais fiosrughadh do dhul chun ruda d'fheicsint do scrúdughadh nó d'iniúchadh; tímcheall; seal fada. "An rabhais i nDaingean Uí Chúise indiu?" – "thugais cuaird ann" - freagra seachantach san d'fhonn a's ná leanfadh aon cheistiúchán. Ar mo cham(a)chuaird dom ameasc na gcómharsan chuala go mbeadh dochtúir nuadh eadrainn go luath. Cuaird neamhghuiseach: a thárlaidh gan choinne nó a tugadh gan chúram sonnradhach. "Muna stadair do bheith ag tabhairt cuairde ar mhnaoi an fhir seo, is oth liom a rádh leat gur beag truagh bheidh annso dhuit pé búrdáil a thugas a fear duit": ghá fiosrughadh lé mian neamhdhlistineach. "An fada ó cuireadh Cath Dhún an Óir?" – "ó, mo mhairg, agus is fada an chuaird í": seal aimsire. "Ar fhág an long an cuan fós?" – "beidh sí ar a cuaird ambáireach": iomramh áirighthe. Bead ar mo chuaird anois: tabharfad mo bhóthar orm fé dhéin mo thriaill. Chrith an portach mágcuaird fém chois, shaoileas go raghainn ar lár: an portach mórthímcheall orm. Faid mo radhairce mágcuaird níor luigh mo shúil ach ar ghortaibh glasa: ar gach taobh. Dá mbuaileadh aonne leat ar do chuaird go mbeadh capall lé díol aige: ar do shiubhaltaibh. Cuaird dochtúra, sagairt, etc.: a dteacht ar thuairisc dhuine.

cuairdeachas: *f.1.* dul ar thuairsc dhaoine mar cómharsain; "bothántaidheacht". Dá gcaitheadh sí oiread aimsire lé n-a gnóth tighe 'sa chaitheann lé cuairdeachas b'fheárrde a tigh é: siubhaltach, cainnteach. Lé héad lé n-a mhnaoi chuir sé fuath an tighe ar chuairdeachas comharsan fir: bheith ag dul 'sag teacht ann.

cuaire: *b.4.* caime, castacht. Toisc chuaire na sráide agus méid an bhuailte caithfear í do leathanughadh a's do dhíriughadh.

cuairsce: *f.4.* bean acfuinneach; rolla no cuaille éadaigh. Cuairsce mná gur scannruightheach do dhuine dul 'n-a treis lé n-a neart is a dothuigseantacht: bean chumasach, chnámhach, ghoirgeach. Nuair tómhaiseadh an chuairsce a bhí ar an gconntabhairt ní raibh an oiread ann agus dhéanfadh dhá chulaith: rolla éadaigh.

cuaisín: *f.4.* cuas beag; góilín nó mannta beag talmhan mar a féidir go minic caladhthóireacht do dhéanamh; poll beag mar poll na srón. Cuaisín Bhaile Mhóir (logainm). Cuaisínidhe mo chluas lán de chéir: puill.

cuallacht: *b.3.* complacht; buidhean chúlaistínidhe, lucht leanamhna; cuideachta. Séan do chuallacht, a gharsúin, nó lá éigin is oth leat bheith dá mbuidhin: an dream go ndéineann síos suas leo. Bhíodh dhá chuallacht annso sa tseanaimsir – Mainínigh a's Firtéaraigh – a throideadh a chéile ar aontaidhibh: dhá dhream a bhailigheadh 'n-a dtímcheall idir ghaol a's lucht leanamhna. Cuallacht seadh Tigh Mhuinntir Chléirigh sa Daingean: buidhean bheag nó mór tagtha lé chéile chun gnótha. "Dia dhíbh, tá cuallacht agaibh ann, bail oraibh": sluagh.

cuallaidhe: *f.4.* comrádaidhe, caomhna; páirtidhe. Fuair mo chuallaidhe beatha bás: mo chéile (fear nó bean). An iontaoibh chéadna bheadh agam as an mbeirt agaibh, cuallaidhthe seadh sibh, an rud do dhéanfadh duine agaibh do dhéanfadh an duine eile: daoine aontuighthe le hinntin áirighthe.

cuallaidheacht: *b.3.* cómhluadar. B'fhearr liom bheith i gcuallaidheacht an deamhain ná bheith in aon bhóthar lé duine a chlisfeadh ort: i gcómhluadar: i gcuideachtain.

cuan: *f.1.* lúb nó bléin farraige chun fascan do loingeas; goilín; log fhollamh; gnáthóg. Seachain tú féin ar an ndroichghéig sin nó béarfaidh i gcuan do mharbhtha thu: log: ní scarfaidh choidhche leat go mbeiridh ann thu mar bhéarfadh captaen long in áit shábhálta. An tigh úd a gcuan nuair théighid 'on Daingean, is ann do gheóbhfá bailighthe, cnuasta iad: log: gnáthóg: áit bhailighthe. Budh cheart iad so bheith buailte le chéile, in ionad san is amhlaidh atá cuan eatartha: eaga, slighe mhór. Ghaibh an long cuan gan píleóit: tháinig sí isteach ann. "Chuin cuain nuair stríocaid áthraighe/ lé last ag teacht ón Spáinn chughainn/ gan luascadh ar linn dá gcáblaidhibh/ 'sa gcuid anairtidhe gan rís" (seanamhrán): chun teacht i dtalamh. Nuair bhíos beo bocht dealbh a's ná faghainn ach eiteach ós gach aonne ní raibh aon chuan saortha agam ach an té thug greim lé n-itheadh dhom: triall tearmainn. "Táim ar lorg céile" – "go gcasaidh Dia i gcuan a faghálta thu": in áit go bhfaghair céile mhaith. Baile cuain: baile cois farraige agus gur féidir lé loingeas teacht isteach 'samach ann. Cuan sábhálta: go mbíonn greim ancaire ann. Cuan neamhsábhálta: ná beadh lé linn strumach (stroimeach).

cuanairt: (**conairt**) *b.3.* scata gadhar nó madraidhe, go mórmhór drochchlóidh; cúlaistínidhe gráscair; cuibhreann. An chuanairt atá tuillte aige in ionad fáilte do chur roimis: madraidhe claimh na háite do chur ar a thóir. Ar an gcuanairt a leanas é nuair

bhíonn braon caithte aige: an lucht leanamhna úiríseal a bhíos aige. Bhailigheadh na tearmanaidhthe aindeise 'n-aon chuanairt amháin isteach 'on ósbuideal: cuideachta go raibh cuma thruaillighthe ortha tréis a nduabhaise.

cuar: *a.* casta, lúbtha, follamh istigh. Éist leis an nglór cuar atá ag an lic sin, ní fuláir nó níl faic fúithe: follamh. Dá mbeadh easnadhacha na nadhbhóige níos cuaire budh líomhtha cuma í: níos lúbtha: cor níos mó do bheith ionta.

cuardach: *f.1.* lorg, iarraidh. "Is mór an cuardach agat é", deirtear lé duine a gheibheas rud go raibh fúil gach aonne curtha dhe, nó rud go raibh gach aonne cortha ó bheith ar a lorg. Níor fhág na Dubhchrónaigh poll ná póirse gan séirséil ar a lorg ach d'aindeóin sin a's uile bhí sé ann fé n-a gcuardach: gan fagháil: i nganfhios dóibh. Nuair bhí an cuardach ort níor theip na daoine ort: nuair bhítheas ar do thóir: ar mbeith don namhaid nó don lucht ceannais d'iarraidh teacht suas leat. Ar mo chuardach, agus is iomdha ball de bhallaibh an domhain siubhalta agam, ní feasach dom fear is galánta ar mo shiubhaltaibh. Pé airgead do raigheadh sé dá mbeadh sé lé fagháil lé cuardach: dá mb'fhéidir é d'fhagháil in áit ar bith. Is baoghalach go bhfuil ór ó chuardach in Éirinn anois: ná fuil sé lé fagháil innte in ao'chor. Deirtear lé duine gur b'annamh théigheann de gan rud a theastóchadh do bheith aige, "tá sé go maith sa chuardach".

cuardóir: *f.3.* lorgaire; lorgaire gur deacair é do chur i ndiaidh a chúil; soláthraidhe; turasadóir. Sa tsamhradh tagann mórán cuardóiridhe Gaedhilge 'n-ár measc: daoine a bhíos ar lorg Gaedhilge. A shaoghal do chaith sé 'n-a chuardóir ameasc leabhar: ag lorg a's ag léigheamh. A dtigh sin riamh, ní feacthas gan biadh maith, cuardóir maith seadh an ceann tighe: soláthraidhe.

cuarduighim: *b.a.* loirgim, tásdálaim. "An bhfuil aon airgead agat?" – "cuarduigh é" (seanbhlas): déin dhá cheal. Acht cuairdighim: tugaim turus ar.

cuas: *f.1.* góilín mór ar an gcósta; gearra mór (mannta) as an dtalamh, áit fhollamh mar bheadh úin fén dtalamh nó fé charraig; loga na súl. Deirtí go mbíodh piast mhór, mhaol sa chuas san gan chladach: lag mhór fhairsing isteach sa talamh. Cuais an Róin, Cuas Cromdha, Cuas na Míol, Cuas an Reatha, etc., iad so uile manntaidhe isteach sa talamh, agus faillteacha ar a dtaoibheannaibh, acht ní "faillteacha" iad féin. An áit gur bhuail an pléascán sa phlaosc é tá cuas ann go raghadh do dhorn isteach ann: poll mór, doimhin.

cuasnóg: *b.2.* nead céir-bheach (fiadhain), neaidín. Cuirfead geall ná fuilir bocht in ao'chor go bhfuil cuasnóg dheas (airgid) agat: deascán, bailiúchán. Thug sé cuasnóg chugham ó Áth Cliath: féirín.

cúb: *b.2.* 7 *3.* cor, cuar. Leis an mbuille fuair sé tháinig cúb 'n-a dhrom: lúbadh a dhrom. "Méisín chúba cháma, a béal fúithe a's a tón anáirde" (sean-rím leanbh): méisín dhronnach, chuasach.

cúbadh: *f.1.* cosc, filleadh ar a chéile, lúbadh; cor do chur i rud. Ní raibh eaga cúbtha chugham agam, a's me ag suainseán air, tháinig sé go hobann orm: me féin do chosc. Ar

theacht chun leabaidh ancaire don luing do chrom na máirnéalaigh ar a cuid anairte do chúbadh: d'fhilleadh: do bhailiughadh ar a chéile. Lé haois a's úsáid tá an calán stáin ag cúbadh: ag lúbadh: ag imtheacht as a dheilbh. Oiread is focal ná bíodh asat, mise fear do chúbtha: an té a chuirfeadh eagla ort.

cúbáil: *b.3.* lag, fiaradh, "tarrac siar", cúladh. Ní raghadh an clúdach ar an méis, mar chuir rud éigin cúbáil 'n-a béal: lag: as treóir. Brisfir an maide (rámha) sin mara dtugair aire dho, chídhim ag cúbáil cheana é: ag lúbadh. Bhraitheas cuid den bhfuadar ag imtheacht dá bhlomas agus é ag cúbáil ar bhfeicsint do ná rabhas i bhfaitchíos roime: ag cúladh, ag tarrac siar, ag maolughadh. An ag cúbáil chughat ataoi? abair airís é siud: ag cúladh.

cúbaim: *b.a.* lúbaim; cúlaim (ó); staonaim. Is róbheag é mo thor ort, agus ní chúbfainn ó fhear is fearr: ní chúlfainn. Díreach a's me ar tí mo bhotúin do dhéanamh do chúbas chugham agus d'éisteas mo bhéal: staonas. Chúb an dubhán lé méid a's meádhachtaint an éisc, a's d'imthigh an greim: lúb sé.

cúbálaim: *b.a.* fillim ar a chéile go neamhshlachtmhar; casaim ar a chéile gan chrích; cuirim lag (i). Féach mar chúbáil sé an páipéar. An buille do buaileadh ar chliathán an árthaigh chúbáil sé na sclataidhe iarainn dhá órdlaigh! ach níor bhriseadar: cuireadh lag isteach ionta: cuireadh as a ndeilbh iad. An crot náireach atá ar mo chuid éadaigh, é go léir cúbálta, caithfear an t-iarann do chur air agus é do réidheadh: casta ar a chéile. Rug sé ar an leitir lé strán buile agus chúbáil ar a chéile 'n-a láimh iadhta: chas sé ar a chéile é i slighe ná raibh aon phioc de dheilbh páipéir leitreach air.

cubhraim: *b. n-a.* cuirim allus, cuirim cubhrán nó coipe air. Ar chubhar na prátaidhe sin fós?: ar tháinig cubhrán ar an uisce lé fliuchadh (fiuchadh). Do chubhar an capall lé strus an ráis go raibh sobal bán air: tháinig dath geal air lé neart alluis.

cubh(a)rán: *f.1.* an barra bán a thagas ar mhuir, uisce nó leann trí bheirbhiughadh, ghéarughadh nó shuathadh. Nuair feictear fearg mhór ar dhuine deirtear, "tá cubhrán bán lé n-a bhéal". Duine a bhíos sprionnlaithe i dtaobh an óil deirtear, "ní fheacaidh Dia ná duine cubhrán ar a ghloinne riamh". Beag an spéis budh chóir do dhuine do chur i saidhbhreas, mar is minic "d'imthigh ar nós chubhrán (cubhar) na habhann": "ar nós an tsneachtaidh": leigheann sé i ndeireadh dála: rud neambuan.

cúbláil: *b.3.* do chur aon ruda a bhaineas lé duine a bhíos ar t'iontaoibh chun t'áise féin; d'iarraidh calaoise do dhéanamh tímcheall chártaidhe; d'iarraidh an bhreis do shroichstint in aon tsaghas deighleála. Cúbláil mar cárta a ghoid, cárta breise do chur chuige féin d'fhonn a's caoi imeartha eile do bheith ann má oirfeadh do, a's ceileabhradh dá mb'fhéidir, do bhuadhadh sé airgead: camasghal. Cuireadh Cuamann Iascairidhe ar bun, d'íoc gach iascaire an áirighthe sin airgid. Toisc nár bh'fhéidir an dlighe do chur ar an gCoisde chongaibheadar an t-airgead lé cúbláil cheart: cleasaidheacht tháir. Ar bhfeicsint dom ná raibh sé ag tabhairt an mhionairgid chirt dom ag cómhaireamh 'sag athchómhaireamh 'sag dul amugha ar a shon féin dubhart leis a chuid cúblála do chur uaidh: bóithre cama.

cúblálaidhe: *f.4.* duine a bhíos d'iarraidh buadhachtaint ar gach aonne a thagas i dtreis leis le gliocas cam; duine a chuireas chun a áise thairbhe féin rud (airgead, etc.) do cuirtear ar a iontaoibh; cluanaire. An cisdeóir go raibh airgead na cuallachta ar a iontaoibh, bhailigh sé chuige féin é, an cúblálaidhe, a's pingin níor baineadh amach riamh: duine ná raibh an t-airgead 'n-a sheilbh dhlightheamhail. Thóg sé luach na gcéadta earraidhe, cuid mhór ar cáirde agus dhíol fé bhun aon tsiopadóir eile, agus annsan dhún sé, an cúblálaidhe, nuair bhí a chuid déanta aige: cluanaire. Cúblálaidhe diabhail seadh é, ná féadfá bheith scartha choidhche leis, bheadh cúig nó cúinse éigin i gcómhnaidhe aige a bhuaidhfeadh ort: duine camghlic a bhíos ag síorbheartughadh chun a thairbhe féin. Ag roinnt airgid, ag scagadh chártaidhe, ag cómhaireamh mhionairgid etc. a's go mbíonn duine d'iarraidh na breise do bheith aige féin le ganfhiosaidheacht, tugtar cúblálaidhe air sin.

cúblálaim: *b.a.* bailighim chugham nó canntálaim go neamhdhlistinneach. "Cá bhfuairis an leabhar breágh san?" – "é do cheannach" – "ní hamhlaidh do chúblálais é?": é do ghoid nó seilbh d'fhagháil ann gan chóir gan cheart. An tigh lán de ghréithribh aige a chúbláil sé ar a chuaird leis na bliadhantaibh: a shealbhuigh sé ar aon chuma in ao'chor, budh dhóigh leis ná geóbhadh an dlighe greim air ann.

cúchaireacht: *b.3.* (**cuachaireacht**) glór na cuaiche, cainnte gan bun gan deallramh, bhriollabhrealla. Tor madra ní bheadh ag aonne ar do chuid chuachaireachta mar ná bíonn agat ach an glór céadna do shíor.

cuibhe: *a.* ('cuibhthe' céim bhreise ar nós buidhe, buidhthe) oireamhnach, taithneamhach, ceart, galánta. Beart nár chuibhe d'fhear do dhéanamh, d'aindeóin aon ghríosuighthe, bean do bhualadh: ná taidhbhsigheann galánta na meastamhail. "Nár chuibhthe dhíbh-se a thriúr cuailidhe an t-asal bocht d'iomchar ná seisean d'bhur n-iomchar-sa": nách air sin do bheadh blas níos cirte. Ní cuibhe liom an barántas so in aghaidh an bhochtáin do shighniughadh: ní taithneamhach liom é mar ghníomh. An cuibhe leat suidhe im aice?: an mian leat.

cuibheamhail: *a.* (*-mhla*) galánta, mánla. Labhair i slighe chuibheamhail leis agus b'fhéidir go bhfaghthá t'aisce, ach labhair goirgeach leis a's ní bhfaghair ach eiteach: go meónamhail, deaghbhéasach.

cuibheas: (**cuibhdheas**) *f.1.* $_{7}$ *3.* mánlacht, oireamhnacht, gleóidhteacht. Fairír is fada go raibh cuibheas ag baine leis an mnaoi sin, ach buirbe agus míbhéas: mánlacht. Ag itheadh níl aon chuibheas leó, is cosamhla lé mucaibh iad ná lé daoinibh: meónamhlacht, measardhacht, cuimse. Fear le cuibheas seadh é gach lá d'éirigheann sé dá leabaidh: béasach, meastamhail air féin.

cuibheasach: *a.* measardha, ionghlactha, ionghabhtha lé. "Connus taoi?" – "cuibheasach" .i. go maith, gan bheith rómhaith: níos fearr ná mar bhí. Leabhar cuibheasach seadh é: ceann ná fuil lochtach ach nách féidir maoidheamh as a thréithibh. Tá sé ag obair cuibheasach ambaist: is deacair greán air.

cuibhreach: *f.1.* ceangal, nasc, laighncide, slabhradh, téadán nó aon rud a cheanglóchadh nó a scaoilfeadh gan scur. “Imtheóchad agus ní fhillfead go deó!” - “níl aon chuibhreach ort”: níl neach ghod chosc. Cuibhreach trom seadh an coirce sin: punannacha móra, troma. Ag cuibhreach na mbó sa tuar: ag cur ceangal fútha. Níl cuibhreach Shasana briste againn fós: greim. Siúd í an bhean go bhfuil cuibhreach aice fé n-a fear: smacht ceart. Chuir na gárdaidhe cuibhreach righe air: an gléas glais iarainn a bhíos aca i gcóir bráigheann do nascadh.

cuibhreann: *f.1.* cómhluadar caithte bídh nó ólta; cómhpháirteachas; cuid nó cion. Tormas an domhain atá air toisc ná fuair sé a chuibhreann a’s go bhfuair an chuid eile breis: a chion: an chuid budh cheart do. “Tugtar ár gcuibhreann dúinn”, ars an feirmeóir a’s annsan ní bheidh aon chúis cainnte againn, fé láthair tá leathtrom dhá dhéanamh orainn: an méid is dleaghthach dúinn. “Bhí fear a mbraithte ’n-a gcuibhreann” (seanfhocal) .i. duine i gcamplacht go raibh iontaoibh a’s go raibh eolas a n-uile rún aige do scéidh sé leis an namhaid. “Suidh ’n-ár gcuibhreann”, deirtear lé duine a gheibheas fáilte i dtigh le linn bídh. Tugtar an biadh i gcuibhreann dos na gamhnaibh: caithtear chúcha in aon árus nó clais amháin é. Níor ith sí féin ’sa fear i gcuibhreann lé bliadhantaibh: níor shuidheadar ag aon bhórd: táid in earrad. “An té a chaithfeadh boighreán i gcuibhreann an diabhail níor mhór do spionóg fhada” (seanfhocal): an té a thaitheóchadh drochchómhluadar níor mhór do bheith an-aireach. Duine chómh leithleachais é a’s nár mhór do chúig cuibhreanna chun a shásta: cion nó cuid ceathrair trí dhúil a thairbhe féin.

cuibhreannach: *f.1.* cóimhthigheasach, cóimhleacaidhe búird. Dá mbeadh an rud ag an nduine bocht níor bh’aon droch-chuibhreannach é, dhéanfadh sé a chion: duine a bheadh leathbhuaidhte, leathchaillte leat i mbiadh. Leig thart é, ná glaoidh air linn, cuibhreannach sanntach seadh é: duine gur mhian leis breis agus a cheart den nídh a bheadh ar siubhal do bheith aige gan íoc as. Bhíodh cuibhreannach gach aonne eile sa tigh, cé gur dhuine deóranta me, agam dhá fhagháil: bhíodh an cion céadna dhom: ní déintí leathrom orm.

cuibhrighim: *b.a.* nascaim, ceanglaim, coiscim. Creid me leis go bhfuilim ar do thaoibh ach ó tá orm mo dhualgas do chóimhlíonadh, táim cuibhrighthe ar chabhair do thabhairt duit: níl sé ar mo chumas: cosc orm. Táim cuibhrighthe idir láimh a’s chois: cor ní féidir liom do chur díom.

cuid: *b.3.* cion, roinnt, lán; ádhbhar, beagán; béile; slighe bheatha; buannacht, cumhangas (gaol etc.); carball ceana; dóthain. Chómh luath agus chonnaic sé í d’aithin sé go raibh cuid súl aon fhir innte: bean dhiongmhála fir ar bith. “Cad é an chuid atá agat den mnaoi sin?” – “táimid a dó ’sa dó de ghaol”: ceangal, baint dréir fola nó cleamhnais. Is geairrid é mo chuid díot: tá gaol geairrid agam leat. Tóg as mo radharc é! ná samhluigh liom é mar bhiadh, tá sé ’n-a chuid chait agat: millte, laitighthe: níl cuma an bhídh in ao’chor air agat. “T’r’om mo chuid, tá ocras orm”: biadh. Déanamh do choda, ní bheidh ionat choidhche, a chuaille dhíomhaoin: adhar do bheatha: cumas nó acfuinn do shlighe bheatha do dhéanamh. Cuid na maidne, cuid na headartha, cuid na hoidhche: céadphroinn (céadlongadh), proinn agus séire. Cúisigheadh go trom é, cuireadh cuid mhór ’n-a leith

ach tháinig sé saor sa chúirt ón uile chasaoid, greán a's achmhusán, bí a chuid sa chlú aige: níor fágadh smál air, a's níor mhisdidhe é an iarracht díochúise. Toisc saidhbhris an ógánaigh a's gur bhean áirdéirimeach máthair an chailín bhíodh a muinntir 'n-a gcodaibh beaga tímcheall air nuair thugadh sé cuaird ortha: ag tabhairt urrama dho, ghá mhóradh, ag lútáil air le hinntin go bpósfadh sé í. Ní raibh buachaill sa pharóiste ná raibh 'n-a chodaibh beaga tímcheall air, ag tabhairt bronntanas di, d'iarraidh í do bheith ar chóisir nó 'n-a gcuidteachtain: ag cur tuaithe innte agus mórshuime. Nár dhána an leanbh é, dá ndéintí coda beaga dhe ní raghadh sé ar scoil: dá stractí as a chéile é: dá léasála gheóbhadh sé. Deirtear lé haon rud do laittear, "tá sé n-a chodaibh beaga". Oidhche na Coda Móire: Oidhche Chinn Bhliadhna. Seo coir go raibh cuid ag breis a's aonne amháin innte: rannpháirteach. A bhitheamhnaigh, tá mo chuid agat: an rud a bhaineas liom-sa de cheart: an rud go mbíonn cóir a's ceart ag duine féin chuige. Dearbhuigheadh san éagcóir go raibh cuid aige dhi: go raibh baint neamhdhlistinneach aige léi. Mo chuid mhín, mhacanta féin an t-airgead so: níl baint ná buannacht ag neach eile air. Cuid éigin eile seachas muinntir an pharóiste seo a dhein é: daoine éigin eile. Ar roinnt na hoidhreachta cuireadh mise ar chuid bheag: ní bhfuaireas puinn. Ní deacair gabháil de chosaibh ionam anois, duine aonair; tá mo chuid san uaigh: mo mhuinntir. "An bhfuil mórán agat?" – "níl ach an ghann-chuid": fíorbheagán. "Tabhair do chuid dod mhnaoi agus do rún dod dhribhshír" (seanfhocal). Is oth liom go bhfuil dearmhad ort má tuigtear díbh go bhfuilim ar bhur gcuid-se: ar bhur dtaobh-sa. "Tá a lán airgid agat" – "níl, ná cuid d'airgead": oiread agus leathphingne. "I gcosaibh na con seadh bhíonn a cuid": a cothughadh: gan lúth ní néann fiadhach. Ná fuil cuid a ráidhte agam gur fear sprionnlaithe é, níor chuala aonne riamh ghá mholadh: nách fáth maith san. Caith uaim é! níl cuid a mholta ann: ní fiú é do mholadh. A shárughadh ní féidir, sé cuid an deamhain a's an diabhail é!: maith a ndóthain dóibh araon. Bhítheas ag gabháil air, ghá leagadh agus ghá shuathadh go dtí nár fágadh cuid an tsagairt ann .i. ní mór go raibh oiread déithe (dé) ann agus gur bh'fhéidir leis an sagart an ola dhéidheanach do chur air. Beathuigheadh go maith 'n-a bhunóic é, tá rian a choda air: de chuma air go bhfuair sé biadh maith. Dá mbeadh bannc na hÉireann aige ní sheasóchadh sé ar an slighe a bhí sé ag rith a choda leis gach aonne: ag tabhairt nidhthe ar iasacht uaidh go rabairneach. "Is olc an bolg ná téidheamhuigheann a chuid" (seanfhocal): drochghoile go deimhin ná gaibheann lé biadh maith. "Cuid an tormais do thabhairt do Chormac" (seanfhocal): ní fiú puinn an méid do tugtar don mhadra. "Cuid den aire an fhógairt" (seanfhocal): chuala sé go rabhthas ar a thí agus uime sin sheachain sé an namhaid. Is cuma connus é, baileóchaidh an riaghaltas cáin an teachta isteach, sin é a gcuid sin den scéal: a dtaobh san. Ránguigheas déidheanach chun an bhídh, bhí a rian air bhíos ar chuid na bpíobairidhe de: cuid shuarach: beagán: an dríodar gur cuma lé haonne faic mar gheall air.

cuideachta: *b.5.* (**cuileachta**) cómhluadar, bailiughadh daoine, caonaidhe coidreamhail, duine tais; greann, caitheamh aimsire. "Beidh cuideachta an domhain uile againn ar Thomás" – "cuideachta shuairc nó cuideachta mhagaidh?" – "cuideachta mhagaidh": ag baint sásta fonmhóide as. Budh bhreágh an chuideachta bheith ag éisteacht leis ag cur síos ar ar thaisdeal sé, ar ar léigh sé, a's ar na daoinibh a bhuail uime: caitheamh aimsire sásamhach. Thagadh cuideachta 'n-ár dtigh, a's me óg, gach Domhnach tréis Aifrinn, ag éisteacht le sean-Tiúdhaidhe ag cur síos ar Chogadh Mhearaice: bailiughadh cómharsan nó daoine muinnteardha. "Inns dom do chuideachta a's inneósad duit cé thu féin"

(seanfhocal): an dream a thaithigheann tú i gcómhluadar. Do mhún sé fé, i gcead a chuileachtain: ag iarraidh maitheamhnasa i dtaobh bheith chómh míomhánla. Nuair bhíonn sé gan duine ná daonaidhe 'n-a ghaor bíonn sé ag baint cuideachtan as a mhadra: ghá bhréagadh féin leis trí dhéanamh seóidh a's chleas leis. Sé cuideachta an diabhail féin é, ní feárrde aonne a bhíos 'n-a chómhluadar: cuideachta chonntabharthach. Gonadh sa tsúil é, agus 'n-a chuideachta sin, briseadh a chos: 'n-a theannta san.

cuideachtamhail: *a.* soranna, míonla, leagtha lé cómhluadar do dhéanamh, iontsuime. Níor chuideachtamhla liom bheith ag éisteacht lé píopaire ná bheith ag éisteacht leó ag gabháil dá chéile: ní chuirfinn breis shuime. Teach an-chuideachtamhail dob eadh é bliadhanta ó shoin, is beag go mbíonn a mbualadh anois air: go dtagadh bualadh mór daoine i bhfochair a chéile ann. Bí cuideachtamhail ná bí id dhuirc ann, labhair leis a's beannuigh dos na daoinibh ach go háirighthe: réidh lé cómhrádh do dhéanamh.

cuideachtamhlacht: *b.3.* míonlacht, fonnmhaire conbharsáide, coidrimh agus cainnte. "Is as nádúireacht do thagann cuideamhlacht" (seanrádh). Bíonn a rian ar chuideachtamhlacht an líon tighe sin, gheóbhfá cómhluadar gach oidhche ann: fonn bheith muinnteardha, tais, béasamhail lé gach duine.

cuideachtanas: *f.1.* do dhéanamh cómhluadair; comhluadar, coidreamh a's muinnteardhas. Go dtí go raibh sé 'n-a sheanduine chríon bhuailfeadh sé isteach chughainn, gach aonne ag déanamh cuideachtanais as an aimsir a's na daoinibh dob eól do lé linn a óige: ag trácht ar chuma go gcuirtí spéis ann a's go dtugtí as cuid den oidhche ar an aiste sin. Toisc gháirseamhlacht a chuid cainnte níor theastuigh a chuideachtanas uatha súd a bhí ag éisteacht leis a's iarradh air go ciúin fágaint: cuallacht: bheith i bhfochair a chéile ag déanamh caitheamh aimsire dá chéile. "Fág mo thigh", ars an t-athair, "ní thaithnigheann an cuideachtanas do thaithighir liom, ní míonla an dream iad: díorma daoine a thaithigheas bheith i bhfochair a chéile agus go mbíonn fuadar nó imtheachta coitcheann fútha.

cuideachtuighim: *b.a.* tionnlacaim, taithighim, cleachtaim. 'e cheal eólais na háite agus anacraighe an bhealaigh do chuideachtuigh beirt thaithightheach ar an gceanntar me treasna na gcnoc ar eagla mo dhul amugha: do thionnlaic. Níl aon áit go dtéigheann a fear ná go gcuideachtuigheann sí é, ní fheaca riamh é gan í: tionnlaiceann. Cad iad na sráideanna chuideachtuighir lé fada ná feicim annso in ao'chor thu?: go dtaithighir siubhal ann. Duine cráibhtheach seadh é, cuideachtuigheann sé an teampall gach aon lá dá shaoghal: téidheann ann chun úrnuighthe.

cuidighim: *b.a.* ₇ *n-a.* cabhraim le; cuirim deireadh le. Cuidigh leis an madra uilc sin, mairbh é: cuir críoch leis. Chuidighis leis an airgead, a bhuachaill, pingin níl agat: chaithis é go léir. Suidh 'n-ár measc agus cuidigh linn, ní fhéadfadh gan ocras do bheith ort: tair 'n-ár gcuibhreann. Cuidigh! tá sé dhá bhádhadh: cabhair! Go gcuidighidh Dia leat, is uait do theastuigheann cóngnamh: go gcabhruigh. Cuidigh leis! sin a bhfaghair: ná bíodh súil lé n-a thuilleadh agat.

cuidiughadh: *f.* (*-uighthe*) cabhair; scriosadh. An t-ullthartach (uallfartach) san, ní fada bheadh san ag cuidiughadh lé bollóg aráin: ghá h-itheadh. Idir thu agus Dia, an raibh aonne ag cuidiughadh leat sa droichbheart so, nó ar dheinis as do chabhail féin í?: rannpháirteach leat. Má fhéadfá in ao'chor é, gan bheith ag brath ar aonne, nár airighis riamh gur fearr cumas ná cuidiughadh: gur fearr bheith neamhspleádhach.

cúig: *b.2.* (*iol.* cúigeanna) aidhm, rud a mianuightear nó a hiarrtar; an méid cártaidhe do himirtear in aon tímcheall amháin. An diabhal féin aníos as Ifreann ní bhainfeadh na fiacha dhe gan é do chur chun na dlighe, bheadh cúig éigin i gcómhnaidhe aige, go raibh an saoghal go holc, go raibh seifteanna síos, etc.: beart éigin ar a chumas nó ar a chur aige gur bh'fhéidir leis éalódh. Bheadh cúig éigin agat as so go dtí maidean ambáireach nár bh'fhéidir an fhírinne d'aiteamh ort: lúb nó cleasaidheacht nár bh'fhéidir breith air. Bhí gach cúig den ndlighe annsúd go pras aige ar bharr a theangan agus budh dheacair a mbréagnughadh: rud ráidhte, suidhte, dearbhtha: rud léir gur deacair a shárughadh. An bhfuil aon chúig eile agat im choinnibh anois tréis a rádh gur bitheamhnach, alfraits agus bleaigeárd me?: aon rud achmhusánach eile. Sin cúig!: sin rud anois gur fiú machtnamh air nó gur deacair gabháil tharais gan a bhreithniughadh. "Is maith an sás do chúige d'imirt thu" (seanfhocal): ní leigir aon rud ar bóiléagar. Imir do chúig gan eagla: troid ar do shon féin.

cuigeann: *b.2.* (*iol.* –acha) an t-uachtar do cuirtear i meidir chun ime do dhéanamh; an t-ím féin is an bhláthach. Deirtear lé duine a bhíodh ag déanamh an iomad measctha ar aon rud: "an cuigeann a dhéanfair de?" "Mar is é mo chuigeann a's mo chruach/ a's mo leabaidh chun suain an baraille (dighe)" (seanamhrán).

cúigidheach: *f.1.* duine mór lé rádh ar nós taoisigh. Muinntir Fháilbhe b'iad cúigidhigh Chorca Dhuibhne sa tseanaimsir: daoine tábhachtacha.

cuil: *b.2.* (*iol.* –eanna) feithide beag go sciathánaibh; cailín neamhstuidéartha. Nách í an chuil í, ní stadann sí ach ag guairneán 'sag cainnt 'sag buaidhreamh na ndaoine: éagconn cailín: cailín neamhstuamdha. "Is ar ghlaise an lae indiu" – "mh'anam féin, mhuis, ná fuil aon chuileanna ann": bí cinnte go bhfuil sé fuar. Ní fada ná gur leis na cuileannaibh an tseanbhó san: ní fada uaithe an bás. Ní mharbhóchadh do bhuille cuil: buille éadtrom gan fuinneamh. Brigh na cuile níl ionam indiu, táim tugtha amach: an-lag.

cuil: *b.2.* deallramh nimhneach; guilm mhór. Scaoiltear leis, ná tagadh aonne idir é a's an obair, nách shin cuil air chúiche: fonn an domhain bhraonaigh. Ní fuláir liom nó tá rud éigin bunoscionn leat ar an gcuil atá fút, taidhbhsighir tógtha dhom: fuadar: cuma neamhchoitcheann.

cúil: *a.* teanntuightheach, laistiar, taisce. Mara mbeadh an cárta cúil a bhí aige ionat-sa a theanntaigheadh leis gach uair go mbíodh broid air bheadh thiar air: duine gur bh'fhéidir muinghin do bheith as a chóngnamh. Chongaibh sé an cuireata go dtín cárta cúil: an cárta deireannach imeartha. An lá a bhí an rás rothar ann dob é an scraiste cloch chúil an pharóiste, ní raibh neach eile chun ainme an pharóiste do chothughadh: muinghin. Rún seadh é seo agus "ná cloiseadh an chleith chúil féin é" (seanrádh): ná cloiseadh neach beó

é. Tréis tamaill mhaith ag argóint agus iad nách mór claoidhte do labhair an fear cúil do bhí aca agus chuir san malairt crota ar an scéal: an té a bhí dhá chongbháil i gcóir riachtanais aca: an taca dob fhearr.

cúil: *b.2.* *7* *5.* cúinne, clais (carn), áit iargcúlta. Cialluigheann sé go minic an baile is iartharaighe nó is iargcúlta i bparóiste, cuir i gcás ag bun cnuic, nó cúinne trágha báine, etc. Budh bhreágh na cúileacha éisc a bhíodh i bhFaill Claith: cnocáin mhóra. Thug sé an lá ag obair go hoidhche sa choill ag gearradh adhmaid go dtí go raibh cúil aige: bailiughadh mór blúiridheacha adhmaid: cnocán. Ní airgead atá aige siúd ach cúil!: mórchuid: cruach. Ag tagairt d'aon rud a cuirfí i leathtaoibh, tréis an chúraim do bheith déanta leis, gan a thuilleadh spéise do chur ann, díreach amhail a's ná beadh sé ag teastáil choidhche airís, deirtear, "tá sé caithte i gcúil an choighchís". "An bhfeacaidh aonne sa tigh seo mo carabhat?" – "níor ghádh dhuit bheith ghá lorg ar aonne dá gcuirtheá i gcrích é, a's gan é do chaitheamh i gcúil an choighchís": in áit bhóiléagarach éigin. Ní fhéadfadh rith ná rás do bheith ann duine mór aindeis mar é, cad tá ann ach cúil: duine mór míochúmtha. "An raibh mórán daoine i dtigh na bpeictiúiridhe?" - "bhí sé lán ó chúil frigh": an áit palcuighthe lé daoinibh: ó gach cúinne dhe go dtís na maididhe snadhmtha. Dá mba me thu chaithfinn 'on chúil an scian san ní fiú féachaint uirthe: ameasc gach trufaise. Dá mbeinn ag lorg choidhche ní bhfaghainn mo sparán agus tá sé i gcúil éigin sa tigh: in áit foluighthigh éigin. Aonnidh amháin gur ceart do bheith buidheach 'n-a thaobh, tá a chúil féin aige a's ní bheidh ag brath ar aonne é d'fhágaint istigh ó dhrúcht na hoidhche: a thigh féin. Teich leat féin i gcúil éigin, táthar ar do thóir, nó béarfar ort: áit i ganfhios. An chúil iarthaigh: an áit is sia uait, is iargcúlta agus gur deacra teacht air, isteach i gcumar cnuic, ar chúl locha, etc. Cúil mhóna, éisc, phrátaidhe, airgid, etc. Cúil na nGabhar: áit go bhfanadh gabhair nó go lonnuighidís ann.

cúilbhéal: *f.1.* an chuid is sia siar den mbéal. Bhuail sé geannc thobac 'n-a chúilbhéal a's chrom ar a chogaint, a's ghá luascadh lé n-a theangain. Bíonn sé mall lé n-a chuid níl aon fhiacal n-a chúilbhéal: na cúilfhiacla imthighthe. Cuirir maoithneachas orm, gach aonne 'sa theanga 'n-a chúilbhéal aige fút: ag magadh fút. Iontaoibh as san? Níor mhaith liom mo mhéar do bheith fé n-a chúilbhéal: me bheith i ngreim aige.

cuilce: *f.4.* rud, duine nó ainmhidhe go mbeadh fás an-árd fé. Íseal, teann, ní headh tá ach 'n-a chuilce chaol: scroibile: rud fada (árd) seang. Croith suas tú féin a's ná bí ag imtheacht id chuilce mar sin: mar duine gan treóir gan áird.

cuilche: *f.4.* maidhm, fothraga, seáp. D'iarraidh teacht suas leis an madra a sciob a chuid feóla uaidh d'imthigh sé 'n-a chuilchidhibh reatha: chómh tréan agus bhí 'n-a chorp: gach aon léim as a chorp aige.

cúilcheann: *f.1.* an chuid is sia siar den gceann. An té a chuimhnigh ar áthrach aoir an chéad lá bhí rud 'n-a chúilcheann: inchinn is éifeacht.

cuileann: *f.1.* crann síorghlas go mbíonn duilleóga deilgneacha air, dath anghlas agus fraocháin dhearga. Chráidh a clann an bhean bhocht go raibh a croidhe 'n-a chuileann Muire aca: clipighthe, dóighte.

cúilfhéith: *b.2.* féith nó feadán fola duibhe iarthair an chinn; stuaim, meabhraidheacht. Cé ná deachaidh sé lé céird riamh, tá cúilfhéith éigin ann go ndéineann sé obair árdshlachtmhar: meabhair chinn: cómhacht tuigseana géire. Cár imthigh do chúilfhéith go bhfuil rud chómh sonaoideach lé gluaisteán do thiomáint ag dul díot: éifeacht.

cúilfhiacal: *b.2.* fiacal in iarthar an dranndail. A innsint duit i gceart cad é an t-aos atá aige ní fhéadfainn ach tá a chúilfhiacla go maith aige: tá aos maith aige: aosta a dhóthain chun bheith maith a dhóthain. Aithnighim ort nár tháinig do chúilfhiacla fós duit (searbhas): ná fuilir glic do dhóthain.

cuilgsheasamh: *f.1.* seasamh cruinn díreach anáirde. Cheap sé go bhfeaca sé samhladha éigin i mí mharibh na hoidhche a scannruigh 'n-a bheathaidh é a's go raibh gach ruibe ar a cheann 'n-a chuilgsheasamh: 'n-a seasamh mar bheadh guairidhe láidre. Níor bhuile ná báninidhe go dtí é, bhí sé 'n-a chuilgsheasamh chugham: ar aiste mar bheadh coileach troda. Ná bí ag cainnt, a dhuine, leig dom leis, gach focal as a bhéal 'n-a chuilgsheasamh: fuinneamh agus dásacht lé n-a chainnt. Suidh aníos, a's ná bí id chuilgsheasamh annsan cois an dorais: it sheasamh mar bheadh cuaille. Cuireadh bata agus bratach air 'n-a chuilgsheasamh ar an gclaidhe d'fhonn a's go bhfeictí é: 'n-a sheasamh cruinn díreach, gan cor anonn ná anall.

cúilimeall: *f.1.* an áit is iargcúlta agus is sia siar. Ar chúilimeall na hÉireann atá Dún Chaoin: an chiumhais is iartharaighe ar chósta na farraige. Beag meas do bheadh aca orm dá bhféadfaidís é, chaithfidís ar an gcúilimeall me: fé chois: i leathtaoibh: fé thóin cártaidhe.

cúilín: *f.1.* cúl beag fuilt; loca beag gruaige bailighthe 'n-a dhual ar chúl an chinn; leirg bheag chruinn thalmhan ar imeall na mara; dínc; an dínc adhmaid do cuirtear lé feac nó sámhthach rainne 'n-a cur i gculaith agus sataltar air chun oibre; suidheachán nó pilliúr bog. Nách gleóidhte, triopallach an cúilín atá uirthe: a cuid gruaige bailighthe go gasta ar a cúl. Dá mbudh cúilín aitinn do bheadh agat ní bhrisfeadh a chluas: an chuid de a bhíos casta amach. Cúig nó sé de ghortaibh amach 'on bhfarraige go dtugtar "an cúilín" ortha. A chúilín mo chuid den tsaoghal thu: a chailín bhig an fhuilt áluinn.

cuilithe: *f.4.* lár stáca abhann, coca etc.; poll guairneáin; an croidhe istigh in aon rud; guairne. "Braith an abha sara dtéighir 'n-a cuilithe" (seanfhocal): breithnigh rómhat sara dtugair fé aon rud tábhachtach nó conntabharthach do dhéanamh. Stríoc an long chun chuain i gcuilithe na stroimeach 'sa cuid anairte ar fad 'n-a géiridheachaibh: i lár an anaithe. Ní raibh ubhall aca ná go raibh lobhtha 'n-a chuilithe: lár. Sáidh isteach an t-iarann i gcuilithe na teine más maith leat goradh maith do chur air: corplár. Níor thúisce leagtha ar an dtalamh me lé cor coise ná léim seisear aca im chuilithe: anuas im mhullach. I gcuilithe na taoide budh dheacair rámhaidheacht: san áit budh chasta agus budh ghuairneánaighe é. I gcuilithe an gheimhridh an iongadh fuacht do bheith ann: lár. Chaitheadh sí na tráthanna ar chuilithe a dhá glún ag paidireóireacht os chómhair na haltóra: ar chealgán: ar chealg: lárphláitín na glún. Tairngeadh an cuilithe ar an mbata fuinnseóige sin a's é ag fás: an cor a bhíos ann, san áit go mbeirtear i nglaic air. I

gcuilithe an chogaidh bhíodh na Gearmánaigh ag déanamh teasc de theangachaibh éagsamhla na mbraigheann a bhí i ngabhann aca: i gcorplár agus an tráth budh mheasa an cogadh. Cá bhfeicfinn an feairín – an laoch, dar leis – ach i gcuilithe na bhfear mór ag troid ar a dhícheall: san mball gur dhéine an coimheascar. Budh thruagh leat é i gcuilithe tinnis, gach aon scread nimhe aige: tráth budh thruime duadh agus breóidhteacht air. I gcuilithe mo bochtanachta is beag nár shéan me: nuair budh léir fíorbhochtanacht do bheith orm.

cuilitheáil: *b.3.* bolgadh nó corruighe guairneánach uisce. An fharraige ag síorléasadh ameasc na gcarraigeach 'sag déanamh cuilitheála: gluaiseacht ghuairneánach mar bheadh ag uisce fliuchaidh. Nuair chaith an t-ainmhidhe mór farraige é féin d'fhág sé cuilitheáil agus sáile san aer 'n-a dhiaidh: an t-uisce suaidhte, corruighthe. Tá an iomad cuilitheála ar an abhainn chun aon iascaigh do dhéanamh: corruighe uachtair an uisce mar bhíonn lé gaoith.

cuilithín: *f.1.* toinnín; tonnaidheacha agus camóga ag teacht ortha mar bheidís ar tí briste. Drochchómhartha ar an lá seadh na cuilithínidhe seo: "capaill bheaga, bhána".

cúilstiall: *b. n-dh.* buille uait siar, stiall nó slisneóg de cúl ainmhidhe. A Dhia, mhuise, b'fhearrde duine cúilstiall den mhuic reimhir sin: blúire fada, leathan. I dteannta an té a bhí ghá throid ós a chómhair tháinig duine eile laistiar de ghá ionnsaidhe ach ránguigh leis cúilstiall dá uillinn do thabhairt do a shín é: buille uaidh siar.

cuimhin: *b.2.* feart coimeádta eólais smaointe roim ré. Is cuimhin liom bás Pheáirneil chómh maith agus is cuimhin liom an lá indé: tá sé go soiléir im smaointibh. Cé hé gur cuimhin leis aimsir bhreágh: ní feacthas í lé fada.

cuimhleachán: *f.1.* duine a bhíos tláith milisbhriathrach, ag dul tríot isteach ar son a thairbhe féin. An mbíonn aon náire ort ag imtheacht ó thigh tábhairne go tigh tábhairne id chuimhleachán, ó chuideachtain go cuideachtain ag tnúth lé digh in aisce: duine a bhíos go táir ag imtheacht ó dhream go dream ag tláithínteacht leó chun rud do bheith dhá bharr aige. "Cuimleacháin ná cúlaistínidhe ní theastuigheann uaim", ars an fear spirideamhail: lucht cabhartha dá dtairbhe féin ná aon tsaghas lucht tacaidheachta. Luigh lé taobh éigin a's ná bí id chuimhleachán shuarach, id Thadhg an dá thaobh: duine neamhiontaoibhe.

cuimhne: *b.4.* feart coimeádta eolais ar smaointibh roim ré; an chómhacht a shamhluigheas leis an aigne nó leis an dtuigsint rudaidhe a bhí láithreach innte roimhe sin; ceileabhradh do dhéanamh ar theagmhas thábhachtach éigin. Chuarduigheas an uile phóca liom, ach ní raibh mo sparán lé fagháil; ní tháinig lá dhá chuimhne dhom é do chur chugham a's me ag fágaint an tighe: níor bhuail aon smaoineamh 'n-a thaobh im cheann. Sluagh mór bliadhan ó thuit an rud san amach anois ná féadfainn é do bhreith chun mo chuimhnte: na rudaidhe a thárlaidh do bheith im smaointibh airís. Mo chómhairle dhuit anois ag imtheacht thar lear duit aire do thabhairt duit féin, gan dul lé fán, mar mara mbíonn ciall agat beidh cuimhne agat: déanfair nidhthe ná cuirfir a n-aithreachas choidhche dhíot. D'fhágas mo chuid tobac a's mo phíp a's uile im dhiaidh, níl cuimhne ná cuimhneamh ionam: dearmhadach ar fad. "Ní cuimhin liom faic", ars an té nár

theastuigh uaidh é féin do chur i dtreis – "ná raibh cuimhne an fhiaidh agat!" dubharthas leis go searbh: cuimhne angheairrid. Bás an Pheáirnéalaigh an chuimhne is sia siar im cheann, ní rabhas ach cheithre bliadhna: sé an rud im aigne é is aosta. Shiubhaluigh an fear bocht amach de scéimh na faille gan aon chuimhne aige ar cad bhí dhá dhéanamh aige: ní raibh a ghníomh 'n-a smaointibh in ao'chor. Le cuimhne na ndaoine tugtar turus san áit sin: deirtear é ó ghlúin go glúin. Téigheann sé thar mo chuimhne go bhfeaca riamh roime seo thu: ní samhluightear im smaointibh go bhfeacaidh mo shúile cinn cheana thu. An dtugair fé ndeara an drochchuma atá air? níl cuimhne na breóidhteachta imthighthe uaidh fós: deasca. Cuirfead-sa i gcuimhne dhuit an saghas duine atá ionam muna leigir dom: déanfad rudaidhe leat ná dearmhadfair go ró-luath. "Is iomdha maith do dhein an fear san dos na daoinibh" – "níl aon chuimhne air sin anois": dearmhadta. Dá mbeadh cuimhne an aráin d'ithis agat ní eiteófá an duine sin ar rud chómh suarach lé púnt: smaoineamh ar an maith. Cuir i gcuimhne do S. me nuair bheir ag scríobh chuige: déin tagairt dom a bhéarfas 'n-a aigne me. Nuair deintear tagairt do rud éigin a thárlaidh tamall roimhe sin a's gur thaithneamhaighe gan é do tharrac anuas, deirtear leis an té a labhair, "is fada cuimhne do sheanmháthar agat".

cuimhneachán: *f.1.* aon rud a choimeádfadh nidh 'n-ár a n-aigne nó 'n-ár smaointibh; aon éachtaint chun ruda do chongbháil in aigne nó i gceann dhuine; rud éigin ná leigfeadh duit dearmhad do dhéanamh ar ócáid, teagmhas nó rud eile. An chos cham san aige cuimhneachán seadh í ar an lá do briseadh ag imirt peile í: ní baoghal go ndearmhadfaidh sé an lá tríd an gcois gcéadna. An chros so, cuimhneachán seadh í a fuaireas ar son duine do shaoradh ó bhádhadh fiche bliadhain ó shoin: coimeádfaidh sí im mheabhair chinn san. An t-uaireadóir óir sin aice, thug a leanán di é mar chuimhneachán: mar bhronntanas ná leigfeadh di dearmhad do dhéanamh air.

cuimhneamh: *f.1.* (*-mhnte*) machtnamh, beartughadh, smaoineamh, dul amach ar rud, tuairm. Faic ní bhfaghair uaim, mar nuair bhíos-sa bocht, dealbh agus rud agat-sa is beag dem chuimhneamh a bhí ort: níor chuir m'aiste aon mhairg ort. A alfraits, is beag cuimhneamh agat ar an mbás: gan aon eagla roimis. Ní chreidfeadh aonne gurb é a dhein a lithéid de rud shuarach, an duine macánta, is fada bheadh sé ag cuimhneamh air: ní thiocfadh sé 'n-a cheann choidhche. Dá mbeinn ag cuimhneamh go gcuireadh Dia fios orm ní fheadar cad budh cheart dom do dhéanamh. "A Mháire, cuir an chuil i stán an té agus má éaluigheann aonne air éalóchaidh an chuil, annsan beidh a fhios agat an mbítear ag bradaidheacht" – "mo ghradhain do chuimhneamh, a Mhuiris": machtnamh iongtach. B'iongtach an cuimhneamh an craolachán agus an t-áthrach aoir, an té a cheap iad do bhí meabhair chinn aige: an-dhul amach: rud do ceapadh ná raibh aonn roime sin. Cuimhneamh maith seadh guidheachtaint ar son na marbh: smaoineamh: teadh: cruthnughadh ón inntin gan baint ar bith leis an inntin féin. Nuair bhíonn rud ag rith isteach aigne dhuine a's nách féidir leis greim d'fhagháil air a's go dtagann go h-obann deir sé, "mo dhearmhad a's mo chuimhneamh": duine an-leithleachais seadh é. Is cuma leis mar gheall ar mhaitheas nó thairbhe aonne eile, ag cuimhneamh air féin do shíor: a bhail féin 'n-a cheann i gcómhnaidhe. Thug ar thárlaidh dhom an oidhche challóideach úd i bhfad ag dul san eagar orm, dá fheabhas bhíos ag cuimhneamh orm féin ní thiocfadh faic léir chugham: dá mhéid machtnaimh a bhí á dhéanamh agam. I gcuimhneamh an lae

indiu sé bliadhna ó shoin – an tríomhadh lá de Bhealtaine – do deineadh dochtúir de: ar an lá so, etc.

cuimhnighim: *b.a.* bheirim chun na haigne, chun na smaointe; machtnuighim ar. Tóg mo chómhairle, a ógánaigh, tabhair aire dhuit féin, nó cuimhneóchair orm-sa lá is sia anonn ná an lá indiu: muna nglacair cómhairle an té atá ar mhaith leat beidh a aithreachas fós ort. "Ní fheadar a'sheilbh an diabhail, cár chuireas mo sparán" – "cuimhnigh ort féin – cár ghaibhis, cad dheinis ó bhí sé agat go déidheanach, etc.": déin machtnamh doimhin. Ag siubhal roimis do go neamhghuiseach, níor chuimhnigh sé air féin, gur thuit sé isteach 'on abhainn: ní raibh a shiubhal 'n-a smaointibh in ao'chor. Cuimhnigh rómhat, coigil i gcóir na seanaoise: anois an t-am lé machtnamh do dhéanamh d'fhonn a's ná beidhfeá dealbh id sheanaois. A Pheacaigh, cuimhnigh rómhat: bíodh an tsíoraidheacht id smaointibh. "Ní cuimhnightear ar an arán a h-ithtear" (seanfhocal): is minic, minic ná déintear maith in aghaidh na maithe. Cuirfear guthadán i nDún Chaoin, cuimhnigh air sin: sin iongadh dhuit.

cuimhniughadh: *f.* (*-nighthe*) do chongbháil i smaointibh nó i gcuimhne trí cheileabhradh lé gníomh éigin poiblidhe. Déintear cuimhniughadh bliadhna ar mharbhadh an óglaigh san áit gur treascaradh é, bailigheann sluagh mór daoine ann le h-urraim dá bheatha: cuireann na daoine in iúil ar an gcuma so ná fuil dearmhad déanta air. Cuimhniughadh míosa: ceileabhradh creidimh mí tréis bháis dhuine. Sé an tslighe do dheineadh sé cuimhniughadh míosa ar a bhreathlá dul ar meisce: an tslighe thugadh sé urraim cómharthughadh áirighthe don lá ná tugadh d'aon lá eile. Ar feadh na gcianta tréis a báis dheineadh a fear cuimhniughadh ar a mhnaoi, chuireadh sé bláthanna ar a huaigh: chongbhuigheadh sé go beó 'n-a smaointibh a cuimhne. Is in Áth Cliath is mó déintear cuimhniughadh ar Lá Féile Phádraig anois: is mó tugtar fé ndeara a's go mbíonn cómharthaidhe áthais is caithréime.

cuimhnteach: *a.* smaointeach, ceapuightheach, inntleamhail, machtnuightheach. In a choileán bheag a bhí an madra san trí bliadhna ó shoin nuair fhágas, nách cuimhnteach an t-ainmhidhe é a's go n-aithnigheann sé me: bheith i ndán a aithint go bhfeacaidh cheana me. Nár chuimhnteach uaidh scríobh chugham um Nodlaig tréis fiche bliadhain 'n-a thost: suimeamhail 'n-a smaointibh orm. Bloc adhmaid as dheireadh an bháid ag rith roimis an ngaoith chun í do chongbháil díreach nár cuimhnteach an obair í: ceapadh aigne anmhaith ar fad. Os cionn dachad bliadhain ann anois agus luigh sé chómh mór san ar m'aigne nách cuimhntighe liom an lá indé ná é: chómh beó, chómh h-aibidh a's dá mbudh indé é. Nuair bhraith an seanghiúdach nár bh'fhada ó chogadh sinn chrom ar gach aon tsaghas mionbhruair seaniarannaidhe do bhailiughadh lé hionchas luach mór do theacht air; nár cuimhnteach an seanbhiorránach é: a cheann lán de smaointibh a thairbhe.

cuimileáil: *b.3.* teangmháil (gan éifeacht); "chuige a's uaidh"; iondrabháil gan tairbhe, etc., suathadh. Níor chuimhin leis i gceart cad dhein sé in árd an tráthnóna, mar bhí an iomad cuimileála déanta leis an ól aige i rith an lae roimhe sin: bhí breis caithte aige a's mar oir do. Ní dearbhtha biana ar bhata bacaigh ná go leagfair an lampa san má leanair den gcuimileáil atá ar siubhal agat leis: ag baint leis: ag teangmháil leis go neamhaire nó gan chúram. Beir ag cuimileáil leis an sciain sin go ngearrfair tú féin léi: ghá láimhseáil

gan aire. Geallaim dhuit ná fiú trácht ar a chuid oibre níl innte ach cuimileáil gan éifeacht: teangmháil gan aon chur chun cinn. I rith an lae ar fad ní dheaghaidh sos ar láimh ná ar chois liom, is mór an chuimileáil do thug an lá dhom: suathadh: cúram ghom dhalladh. Anghreas dóirneála dob eadh é, thug an bheirt aca cuimileáil mhaith dá chéile, súil dubh a's srón bhriste: suathadh agus tuargaint. Sé dubhairt an saoiste liom scrios as a radharc, nách cuimileáil (oibre) theastuigh uaidh féin in ao'chor ach slachtmhaire agus deabhadh: déanamh gan deallramh. Cad é an chuimileáil atá agat leis an éadach láimhe sin?: láimhseáil gan ghnóth.

cuimileálaidhe: *f.4.* duine neamhshlachtmhar i ngnóth nó in obair. D'aithneófá ar an slighe atá na h-áruistidhe seo glan, féach can fós ortha, gur cuimileálaidhe cailín a bhí ag gabháil díobh: útamálaidhe: liobrachán. Luathuigh amach a's déin rud éigin, cuir anam ionat a's ná bím ag féachaint ort, a chuimileálaidhe: a dhuine mhaill gan lúth gan tapa.

cuimilt: *b.2.* $_{7}$ *3.* baint le, do bhaint le rud; conbharsáid, coidreamh. Cé go bhfuilid i mbéal dorais 'gen-a chéile, ní labhraid, ní bheannuighid, ní bhíonn aon chuimilt aca lé chéile: baint: "deighleáil". Fear iargcúlta gan mórán cuimealta aige lé haonne, is annamh chidhfeá i gcuideachtain é: síos ná suas: cómhluadar. Pioc dá thuairisc ní fhéadfainn do thabhairt duit, ní bhíonn aon chuimilt agam leis: baint ná coidreamh. "Ag cuimilt bhealaidh fén muic mhéith" (seanfhocal): ag déanamh ruda gan chall leis. Maith ar bith níl ann duit bheith ag cuimilt bhealaidh fúm-sa d'iarraidh airgid d'fhagháil uaim: ag déanamh pláméis liom. Cad é an coidreamh atá agat féin agus ag an bhfear san lé chéile, chídhm i gcómhnaidhe ag cuimilt díot é: id chómhluadar a's d'iarraidh bheith mór leat. Beir ag cuimilt leis an dteine sin anois go ndóghfair tú féin: ag teangmháil léi. Nuair ná bíodh ár gceachtanna saothruighthe againn thugadh an máighistir cuimil(t) an mháilín dúinn: léasadh ar a thoil. Dá mhéid ar deineadh riamh liom níor deineadh cuimilt an mháilín i gceart díom gur briseadh as mo chuid oibre me: ní bhfuaireas claoidhe ceart go dtí so. Beirt a bhí ag iomrascáil agus dhein duine aca cuimilt an mháilín den bhfear eile: leag sé, shuaidh sé, chas sé ar a chéile: d'imir sé a thoil air. Dá bhfaghadh daoine eile oiread cuimealta ón saoghal a's tá fachta ge feirmeóiridhibh ambliadhna gan biadh ná beatha i ngort ná i ngarrdha budh mhór an callán a bheadh ortha: oiread tuargana: aindeise mhór. Chuir uaim do chuid bóithre, a mhic ó, ní bheinn-se ag cuimilt bhaise dhíot: ghod shlíogadh: d'iarraidh gnaoi do chur ort: ag tláithínteacht leat. Thugadar gach aon iarracht ar me do scrios, ní headh ach sop a's uisce ar fad do chuimilt díom: me do chur ó lighe: deireadh do chur liom: me d'fhágaint bocht, dealbh. Chrom cóip na sráide ar bhruidhin gur ghabhadar cuimilt a'forc ar a chéile, na haithneófá súil ná béal in aonne aca: ag bualadh a chéile ó thalamh: níor choigleadar pioc dá chéile. "Dubhairt sé gur bh'iongtach an duine me" – "ag cuimilt galbhanaighe fút do bhí sé": ag leigeant air go raibh sé i ndáiríribh. Nuair is mo bhíonn an feallaire 'ghod mholadh seachain tu féin air mar is ag cuimilt mheala fút do bheadh sé: ag bladhar chun do mheallta. Duine lasánta nár ghádh dhuit ach cuimilt de chun é do chur lé haer an tsaoghail: bualadh go héadtrom air. Ní haon náire dhuit an chuimilt thugais dod chorrán indiu, is maith glan atá sé: an bearradh lé rásúir.

cuimiscthe: *a.r.* measctha, feisighthe. Fuair an dochtúir gloinne agus bhí ag cur innte ó bhuidéal go buidéal go raibh deoch fhada chuimiscthe aige dhom: cóimhmeasctha. Tá an bhean cuimiscthe: clannuighthe: do bhí cuid ag fear éigin di.

cuimlim: *b.a. 7 n-a.* slíobaim; teangmhálaim le; bainim le; griogaim. Ná cuimil leis an anchúinse sin nó is tinn duit: ná bíodh aon bhaint agat leis, gnóth ná cúram ná conbharsáid. Cuimil díom an salachar san ar mo dhrom: scríob. Cuimil do bhas díom! féach cad dhéanfainn leat: teangmháil liom. Cuimil do bhas den leanbh: slíob é chun é do bhréagadh: bí tais leis: tairng do bhas go réidh mín dá chneas. Chaitheadar amach me, chuireadar príosún orm, thógadar mo chuid, ná bím ghod bhodhradh leis chuimileadar sop a's uisce dhíom: lomscriosadar me. [Tagann so ón nglanadh do thugadh na mná do bheistidhibh le huisce te agus craobh nó fraoch ón gcnoc sara gcuirtí an leamhnacht ortha: níor bh'fhéidir iad bheith níos glaine]. Cuimil ola fén áit thinn: ar. Cuimil as an focal san, ní hé an ceann ceart é: scrios amach é.

cuimse: [**coimse**] *f.4.* dlús maith, roinnt no cuid dhóthanach; measardhacht, meónaidheacht; raidhse; go leór; teóra. Is leór go leór d'aon rud ach ní maith dul thar chuimse: theora. Maithfí dho cuid a mhná do chaitheamh agus a thigh do reic, ach í do mharbhadh, b'shin é an chuimse: "an chailc": tharais sin níor bh'fhéidir maitheamh do. Cheannuigh sé sráid thighthe, talmhaintidhe agus loingeas farraige, ní raibh aon chuimse lé n-a chuid saidhbhris: teóra. D'iomcharadh sé dachad cloch ar a dhrom anáirde an staighre a's é óg; lé n-a neart ní raibh cuimse: neart ar fad dob eadh é. Ar dhéanamh cuir agus coraidheachta dhóibh cuir sé cuimse cheithre mbliadhan leis an aimsir go mbeadh deireadh díolta aige: b'é sin "an taobh amuigh" dhe. Tómhais an brat so anois, féach an bhfuil mo chuimse agam chun an úrláir do chlúdach: mo dhóthain. Mo thuairm ná fuil míle púnt aige ach tá cuimse aige: roinnt mhaith. Éirigh as a thuilleadh a rádh anois – táir ag cainnt lé fiche nóimint; tá do chuimse ráidhte: do chómhthrom: dá mbeidhfeá ag cainnt choidhche ní fhéadfá cur leis an méid atá ráidhte agat. Duine deaghlabhartha, meastamhail go mbíonn cuimse lé n-a chuid briathar: oireamhnaidheacht, fuaimeant agus meónaidheacht: deir sé an rud ceart go béasamhail, maol, neamblomasach. Grádh gan cuimse thug sí dho, gur ídigh sí í féin nuair éim sé í: grádh nár bh'fhéidir cur síos air lé n-a dhéine. Buailim amach cois farraige ag siubhal rómham gan chuimse: gan mo thriall in aon áit áirighthe: go fánach. Creid me leis go mbeidh cuimse daoine ó gach ball den Mhumhain i gCorcaigh Dé Domhnaigh ag amharc an chluiche: mórshluaighte. Nuair fuair sé an obair lé déanamh tugadh cuimsidhe iomláin í do chríochnughadh ar pé cuma gur mhaith leis é: cómhacht a thola.

cuimseach: *a.* cruinn, gan dearmhad, cumasach; cuibheasach; cuibheasach maith. Ar na húirlisidhibh a bhí aige agus a luighead aimsire chun a déanta do dhein sé obair chuimseach: obair gur dheacair locht d'fhagháil uirthe. Agus an t-ainmhidhe fiadhain ag déanamh ar an ngormán d'árduigh sé a shleagh agus thug sádhadh cuimseach do gur chuir trí n-a croidhe í: iarracht chruinn ná deachaidh amugha. D'fhéadfadh an áit do bheith níos mó agus níos galánta, ach tá sé cuimseach do dhuine bhocht, is deacair do locht d'fhagháil air: oireamhnach.

cuimsighim: *b.a.* oireamhnuighim, smachtuighim; dírighim; treóruighim. Dréir mar taoi-se ag cáitheamh do choda lé tamall anois, mara gcuimsighir beir beó, bocht go grod: mara maoluighir nó smachtuighir do ghníomhartha. I ndeireadh a shaoghail chuimsigh sé ar leabhar a bheatha do scríobh, de ló is d'oidhche bhíodh sé os a chionn: thug sé a chuid aimsire a's aire dho. Choidhche ní chuimseóchainn cad a bhí dhá rádh aige go bhfeaca scríobhtha é, mar ná raibh mo chluas taithightheach ar a theangain: ní thuigfinn: ní fhéadfainn na focail do scaradh ó n-a chéile.

cuimsighthe: *a.r.* teóranta, tuigthe, smachtuighthe, dlúthuighthe (ar). Bás nó beatha táim cuimsighthe ar shnámh treasna an bhealaigh sin: suidhte, meáidhte, m'aigne ar fad air. Cómharthaidhthe nó scríobhnóireacht atá ar an ngalán atá do-chuimsighthe ar lucht léighinn, ní léir do neach cad é: dothuighthe, doiléir. Feirmeóir is aite a shaothruigheas talamh ná é sin, ní heól, fear do-chuimsighthe dhómh-sa seadh é: téidheann sé dhíom é do thuigsint. Budh dheacair dom iad uile go léir d'fhreagairt nuair bhíodar cuimsighthe orm d'aon ghnóth glan chun me do chur im thost: dírighthe, suimiúnta, i ndáiríribh a's gur chuma leó connus. "Eatartha féin atá sé", ars an fear míoshásta, "a's lucht na seandhlighe go raibh cómhacht do-chuimsighthe aca, gur bhás nó beatha a bhfocal": cómhacht gan chosc ná teóra.

cúing: *b.2.* blúire ullmhuighthe adhmaid (crann) go mbíonn breaghdacha treabhtha nó tarraic ceangailte dhe: dualgas; cuibhreach nó ceangal; geallamhaint (throm); coingheall; buannacht; athchuinghe; impidhe; agó; scrogall caol talmhan; an ball den gcorp ó bharr an chnámha droma go dtín cúl. Ars an sagart ón altóir a's é ag daoradh a's ag lochtughadh rinncidhe, "tá ógánaigh an pharóiste seo imthighthe gan aon chúing, gan smacht athar ná máthar ortha, ná eagla Dé ná na heaglaise": imthighthe go hainshrianta: ar a dtoil féin. Cuir cúing léd theangain, ná bí ag síorshuainseán do chomharsan: srian, cosc. D'imtheóchadh sé gan aon chúing lé fiadhantas an duine mara mbeadh an dlighe: bán: gan teóra. Sin é amach an bóthar agat, fág tráth ar bith is maith leat, níl aon chúing ort, ach do thoil féin: cosc: coimeád. D'ólfadh sé an Mháig iongtach go dtí gur chuir sé an chúing air féin gan é do bhlas choidhche airís: geallamhaint do thabhairt go raibh deireadh aige. Ó chuir sé cúing phósta air féin d'atharruigh a bhean é: geimheal nó ceangal nó nasc. Nuair chlis a bhuachaill uirthe d'imthigh sí a's chuir sí cúing crábhaidh uirthe ins na mnáibh riaghalta: dhein sí móid creidimh: thug sí a cúl don tsaoghaltacht. An lá do chuir sé fé i gcóir a shaoghail ar an mbaile mío-ádhmharach san do chuir sé cúing air féin: duadh agus iomard ná féadfadh éalódh uaidh. Ag obair ó dhubh go dubh gan focal subháilceach do i ndeireadh an lae agus drochthomhaltas – nách air do chuir Dia an chúing: daoirse agus iomard is duadh saoghail. An bhfuil an chúing ort gan labhairt leis na daoinibh, ná beannófá dúinn: an bhfuilir dearbhtha gan: ar bhain aonne geallamhaint díot gan: an bhfuil cosc ort gan. Cúing ar chaitliocaidhe seadh Aifreann d'éisteacht gach Domhnach a's lá saoire fógartha: dualgas riaghalta. Cuireadh mar chúing sa mhargadh go dtugainn deich bpúint agus an seanghluaisteán ar cheann nuadh: coingheall: agó. Bíodh so n-a mhargadh ghlan, shoiléir, gan cúing ar bith: gan agó: alt cómhaontuighthe. Mara mbeadh cúing éigin do bheith eatartha ní bheidís chómh báidheamhail, muinnteardha a's táid: cómhghas nó ceangal éigin. Báirseóir mná seadh í a chaithfeadh an lá ag allagar lé haonne a choimeádfadh ceann cúinge léi: a thabharfadh gach re seadh dhi. "Connus tá an saoghal agat a Shéamais?" – "ag coimeád ceann cúinge,

a dhuine mhuinnteardha": ag strácáil liom: ag breith mo chos liom eatartha: ag maireachtaint liom fé mar fhéadaim. Ní bheinn ag coimeád ceann cúinge lé teallaire: ní raghainn ar aon rian leis. Ghaibh sé ar a chúinge go siubhalóchadh sé go B'l'Áth Cliath i seachtmhain: chuaidh sé fé: gheall sé go ndéanfadh sé sin. B'fhada díomhaoin é sar ar cuireadh i gcúing é 'n-a chléireach i siopa earraidhe cruaidhe: in adhmanas. Thosnuigh Éireannaigh ar chúing na daoirse do chrothadh díobh Seachtmhain na Cásca: cuibhreach, ceangal cruaidh, dian. Leagadh den bhfalla é a's briseadh cúing a mhuiníl: caol cúil an mhuiníl. Idir an gcarraig mhóir amuigh agus an míntír istigh tá cúing: muineál caol talmhan nó carraige.

cúinne: *f.4.* cúil; áit iargcúlta, aon bhall neamhdheimhnightheach; cúláis; roinnt: cuid. "Is fearr súil sa chúinne ná dhá súil ar an úrlár" (seanfhocal): is mó a thugas an té a bhíos ar leathimeall fé ndeara ná an té a bhíos ar fuaid na háite. Seadh, tá do chúinne féin anois agat: do thigh (t'áit) féin. "Connus tá an seanduine?" – "níor fhág sé an cúinne (cúinne na luaithe) lé fios cathain": níl aon luadar aige. An té a ith trí púint mhairtfeóla, dhá bhollóig aráin agus dosaon ubh nách dóigh leat ná go raibh a bholg ar a chúinne aige: oiread ithte aige agus shásaimh go maith é. Beirt in aon leabaidh a's iad ag stathadh an tsúsa ó chéile, a's, arsa duine aca: "á, th'anam 'on diabhal fág cúinne beag de agam": blúire beag dá chiumhais nó da uilinn. Cuirfead coirce sa chúinne guirt seo: an roinnt de go dtagann dhá chlaidhe ar a chéile. Cuir cúinne ar an gcloich chruinn sin: cuir uile uirthe. Thaisdeal sé cheithre cúinne (cúinnidhe) an domhain ar lorg a shláinte: an domhan mór mar ritheann sé an lánamha ag bruighean lé chéile dubhairt an bhean go dóchaiseach, "fágfad thu, agus is olc a raghaidh an saoghal liom nó beidh cúinne éigin i gcóir na hoidhche agam": áit lé bheith istigh. Beireadh i gcúinne cumhang air agus marbhuigheadh: áit theanntuighthe ná féadfadh sé teicheadh as.

cúinse: *f.4.* cleas (suarach); beart; gliocas; inntlidheacht; coingheall; malairt; cúig. An méid a bhí lé rádh, anois, tá sé ráidhte, cuimhnigh an bhfuil aon chúinse eile agat chugham: cúig: aon rud d'fhéadfá do chur im leith: aon rud masluightheach nó tarcuisneach. Gheall sé dhom go bhfaghainn ádhbhair airgid uaidh ach ar dhul ar a thuairisc bhí cúinsidhe an domhain aige ag dul 'n-a chois – ná raibh cumas aige air, gur drochshaoghal é, go raibh an iomad amuigh cheana aige a's mar sin: "bóithre" chun teacht as a gheallamhaint. Lúbaire breágh dob eadh é, an oiread san cúinsidhe istigh ann nár dhíol sé pingin fiacha lé haonne go raibh airgead aige air: gaois chun cleas do cheapadh a bhéarfadh na cosa dho. B'fhearr an t-aon chúinse a bhí ag an gcat ná na cúinsidhe go léir a bhí ag an sionnach sa scéal: an t-aon chleas. An cúinse cruaidh, scéitheachtaint ar a chuallachtaidhibh nó aghaidh do thabhairt ar an scuaine lámhachta: rogha de dhá nidh. D'éisteas leis ghom imdheargadh 'sag bagairt orm: ag dul i ndéine 'si bhfíochmhaire do bhí sé orm dá mhéid athchuinghe do dheineas air, ach is beag fios a bhí aige go raibh cúinse amháin agam a chuirfeadh 'n-a thost é, leitir im phóca a dheimhneóchadh gur ghadaidhe é: dul suas: rud lé dul 'n-a leith nó 'n-a threis nuair bheadh teipighthe ar go h-aonnidh eile. Ar cheart geallamhaint do thabhairt do Shasana ar chabhair fhear ón ndúthaigh seo le linn cogaidh ar chúinse an cúinne thoir-thuaidh do luighe leis an dtaobh so?: ar choingheall. Ar aon chúinse ní bheadh baint agam leat, ní mheallfadh mil me chughat: ar aon chuma ná cunntas. Níl aon tslighe do cheap cúinse an duine chun cuimhnte ar rudaidhibh 'n-a aigne is cumasaighe ná is iomláine ná mar

dheineann an focal scríobhtha: inntlidheacht, gliocas: cómhacht ceaptha nó cumadóireachta. Ar chúinse go bhfaghadh sé céad púnt scrígh sé scéal don bpáipéar: sin í an tuigsint a bhí eatartha. A's mise annso ní raghaidh sé ann, beidh cúinse éigin aige siúd, an lúbaire: leathscéal blasbhéalach.

cúinse: *f.4.* cladhaire; cleasaidhe cam. D'íosfadh sé an greim as do láimh lé cion ort mar dheadh agus annsan ghearrfadh sé do scórnach laistiar díot an t-anchúinse: cladhaire: droichtheangmhálaidhe. Anchúinse mná dob eadh agus is eadh aon bhean a thugas nimh dá fear: bean fhíormhalluighthe. Anchúinse fir, etc.

cúinseacht: *b.3.* cleasaidheacht cham, shuarach; feallbheartacht. É 'n-a gcómhairle agus 'n-a gcuibhreann, a n-uile rún aige, muinghin iomlán aca as agus é ar feadh na haimsire ag scéitheachtaint ortha leis an namhaid, nár dhiabhalta an anchúinseacht í?: cealg, feillebheart. Tugadh príosún do fiche uair ach níor bh'aon mhaith é, níor bh'fhéidir an anchúinseacht do mhúchadh ann, a luaithe agus bhíodh cead a chos aige, sluid a's guid airís: cuirptheacht ghráineamhail.

cúinseamhail: *a.* lúbach, glic-shuarach. In aon chonbharsáid do bheadh agat leis an gcladhaire sin bí seachantach, tá sé chómh cúinseamhail lé sionnach, agus d'fheallfadh ort ar iompódh na baise: tugtha do chleasaibh suaracha fealltamhla lé linn caoi d'fhagháil. Bíodh seasamh t'anama agat air, cuir aon rud ar a iontaoibh, níl sé cúinseamhail: cam ná lúbach: díreach.

cuireadh: *f.1.* (*iol.* cuiridheacha) iarraidh rud éigin do dhéanamh nó teacht go dtí áit nó rud áirighthe, mar tigh duine, etc. tafant. "Má théidhir ar phósadh gan cuireadh beir leat stóilín chun suidhte" (seanfhocal): an té ná hiarrtar ní bhíonn fáilte roimis agus ní mór do bheith maol gan cur isteach ar neach eile. B'iongtach an oidhche a bhí againn ar an mbainis, bhuaileamair isteach gan chuireadh gan iarraidh: asainn féin: gan aonne a rádh linn, "tagaidh". "Táir-se annso", ars an duine doichilleach ar cuireadh gan iarraidh: gan aonne a rádh leat teacht. Flúirse a's raidhse bídh a's deoch siar síos cuireadh na ngealbhan chun arbhair na gcómharsan ann, gan aonne idir tu as do sháith de n-a raibh ann. Bíonn cuireadh ges gach aonne sa tigh: fáilte. Ná bíodh aon tamáilteacht ort tá cuireadh agat do sháith d'itheadh a's d'ól: cead. "An bhfuairis cuireadh?" – "fuaireas, cuireadh an diabhail go hÉirinn!": fuath ceart a bhí dhom. Thug sé cuireadh coitcheann don bparóiste teacht ar bhainis a phósta: cuireadh do mhuinntir an pharóiste go léir. Is agat atá an tsúil go bhfuil an cuireadh innte: an mealladh chun do shuimighthe. Táim deimhnightheach nách aon chuireadh fuair sé chun na leabhar san: gur thóg sé gan chead iad. Fear seadh é ná hiarrfadh cuireadh chun aonnidh: a thógfadh go neamghuiseach, neimhiongtach aon rud a bhuailfeadh leis. Is beag an cuireadh a iarrfá anois chun pínt leanna duibh: fonn ceart chun a ólta. Neimhiongtach mo dhóthain bhuaileas isteach im chuireadh gan iarraidh ar chorplár an bhídh chúcha: gan chead, gan fáilte.

cuireata: *f.4.* cárta go mbíonn saighdiúir dathuighthe air; seanduine dochaiseach gur deacair aonnidh d'fhagháil ar bóiléagar leis; seanchladhaire. Duine bog, duineamhail seadh an mac gur furaiste áth d'fhagháil air ach an seanchuireata athar atá aige ní righne

eascú ná é: stanga. An diabhal don seanchuireata ná gur diúltuigh don inghin cead pósta liom: a hathair dochorruighthe.

cuiricthe: *f.4.* mullach lom géar carraige, cnámh droma ainmhidhe luim. Faillteachta millteacha, árda go bhfuil cuiricthidhe ortha ná faghadh ach an t-éan a bhonnaibh ortha: spícidhe méiscreacha. Seanchapall ná raibh spiota fiadha air ach cuiricthe a gheárrfadh tobac duit: cnámh droma gan rian feóla air: é ar nós na scine.

cuirim: *b.a. 7 n-a.* adhlacaim, leagaim i gcré nó fé thalamh; buailim in ionad; socruighim; gluaisim etc. "Más maith leat suaimhneas do bheith agat, a's gan a bhéal-láidreacht do tharrac ort ná cuir air: leig do: ná habair faic leis a thabharfadh adhbhar cainnte dho. "Tuige gur bhuailis an leanbh san?" – "é féin a chuir orm ar dtúis, thug sé ainmeacha neamhdheasa orm": a bhac liom: a bhuadhair me. Cuirimís air: griogaimís é: buadhairimís é: deinimís suathadh air: buailimís é nó tugaimís tarcuisne do. Chuir sé orm gan chúis gan adhbhar: bhac sé liom a's gan me ag bacadh leis. Sin rud nách fíor gur theicheas lá an bhuailte, is amhlaidh do cuireadh orm é: éitheach do hinnseadh im thaobh chun mo mhasluighthe. "Pé rud a fuadófar" ars an gadaidhe, "is orm-sa cuirfear é": is im leith-se do cuirfear an ghadaidheacht. Cá gcuireann do chos ort go bhfuilir bacach?: cad é an áit go mbrathair tinneas innte. Is í an ghaoth anois is mó a chuireas ar mo dhathachaibh: a ghoilleas ortha. "Cad chuir air gur stad sé?" – "an choisidheacht": a tháinig 'n-a choinnibh. Ní hé cíos na talmhan is mó a chuireas orm ach an t-íoc uathbhásach, púnt fén bpúnt: a luigheas go dochraideach ar mo phóca. Duine fuilngtheach ná cuireann grian ná sín (síon) air: ná goilleann: ná déineann bascadh dá shláinte. Cuirir orm, ar m'anam nuair chídhm a aindeisighe a's tá do shláinte: tá truagh agam duit. Cuir ar an dteine nó múchfaidh sí: buail gual, móin, adhmaid, etc. innte. Chuir an diabhal fút an lá cheannuighis an oiread san stuic a's caorach a's gan féarach ná foráiste agat dóibh: spriog drochrud éigin ar t'aimhleas tu. Lé tamall anois tá sé ag ceapadh a shuaimhnis ach cuirfidh rud éigin fé luath nó mall go n-imtheóchaidh sé le haer an tsaoghail: saighdeadfaidh: priocfaidh: gríosfaidh. Cuireadh orm an chéad mhaidean éirghe ar a sé a chlog agus biadh d'ullmhughadh don gcuid eile: sin é an cúram a fuaireas agus gurbh é mo dhualgas é do chóimhlíonadh nó b'éigean dom do dhéanamh dem aindeóin. Cuir ort!: gléas tú féin. Olc a dhóthain atá sé chun cros, ná cuir fé: ná greannuigh, corruigh, spriog é. Muna gcuirtear fén bhfalla san, anuas leis (a gheóbhaidh): teannta do bhualadh fé. Chuireadar fút i lár na cathrach an oidhche sin: d'fhanadar i dtigh éigin ann. Cá gcuirfir fút i ndeireadh do shaoghal?: cá gcómhnóchair? Cuirimís fúinn ar thaobh na gréine den gcarraig: suidhimís nó sosaimís ann. Ní chuirfir uait go mbeidh rian ort: ní staonfair des na deáibreacaibh atá ar siubhal agat go dteangbhóchaidh duit dá gcionn. "Cuir uait! nó greánfad lé mham thu", ars an gearrchaile leis an ngarsún a bhí ag priocaireacht uirthe: stad! Chuir sé uaidh a chuid malluightheachta nuair fuair sé dhó nó trí de búrdálaibh maithe: d'éirigh as. Nár dhanaid an ráithe é nár chuir an ghrian uaithe dhá uair: nár spalp sí: nár brathadh a gathaidhe. An náire dhom a admháilt gur chuireas uaim a's béal deich ngunnaidhe dírighthe orm: gur tháinig eagla mo chroidhe orm. Cuirimís uainn! stadadh duine éigin atá ag déanamh mícheart. Cuiridís uaithe ón lá indiu amach, buadhadh pic ortha: stadaidís de mhaoidheamh. Cuiridh uaibh, a pháistidhe: iomcharaidh sibh féin. Sin síol gan mhaith ná cuirfidh uaidh choidhche: ná péacfaidh: ná tiocfaidh toradh as. Ó chuaidh sé thar lear níor chuir sé uaidh riamh: ní tháinig tuairisc ar

bith uaidh. Tréis na purgóide do chuir an leanbh mórchuid piast uaidh: thángadar ar a cliabhlach. Cuir díot, a dhiabhailín, nó má bheireann do mháthair ort ag ganfhiosaidheacht: beidh do mharbh uirthe: scrios! imthigh go déaghair! Cuir díot a bhfuil ort: bain díot do chuid éadaigh. Níor chuireas díom in am: níor theicheas in am. I dtosach an lae nuair bhí sé úr chuir sé dhe go maith, ach i ndeireadh an lae bhí an choisidheacht ag cur air: chuaidh sé chun cinn go maith. "Cuirfidh sé dhe an méid seo", ars an dochtúir ach ní mór do bheith aireach ar eagla aithiompála: tiocfaidh sé saor as an gceasnaidhe seo. An chéad lá ar an bhfarraige níor chuir an long di ach dhá chéad míle le holcas na haimsire: níor thaisdeal sí. Ag léigheamh 'sag scríobh do chuireann sé an aimsir de: chaitheann sé a shaoghal. Ó, an riabhach (diabhal) me go bhfuil an lá caithte orm – cuirfead chun oibre lom láithreach: cromfad air: tosnóchad. Ná cuir chun siubhail ar an gcois sin tá sí rólag: ná tásdáil. Ar ór na cruinne ní chuirfinn chun na hoibre sin: ní thabharfainn iarracht ar í do dhéanamh. Tigh do thógaint ar dhá chéad púnt, a's ní bhfaghfá aonne a chuirfeadh chuige: a thásdálfadh é. Sin biadh agat a's cuir chuige: ith é. Dá ndearbhuigheadh sí fiche míle uair gur chuireas cruisteach uirthe idir me agus Dia níor chuireas chúiche ná uaithe: níor bhacas léi: ní raibh baint ar bith agam léi. Ná cuir chúcha ná uatha san, ní haon deaghghéaga iad: leig thart iad: ná bíodh aon teangmháil agat leó. Thosnuigh a bhean ag ól a's chuir sí chun an chnuic é: bhain sí a mheabhair de. Sar ar bhuail sé aon bhuille cuireadh chuige: griogadh é: níor fágadh ar a shíothcháin é. Tabhair aire don seantrucail sin chuirfeadh aonnidh chúiche: is furaiste ósbairt do thabhairt di. Cuir chughat an chuid is fearr den earra: tóg é. Chuirfeadh san aonnidh chuige a gheóbhadh sé ar bóiléagar: chúblálfadh chuige féin: d'árdóchadh leis agus dhéanfadh a chuid féin de. Cad chuirfir chughat sa tigh sin, siopa? cad chuirfir ar bun ann?: cad é an gnóth a bhéas agat ann? Éist anois faid bhead ag scríobh, nó cuirfir as dom a's raghad amugha agat: cuirfir mo smaointe ar fán. Má chaill sé céad púnt féin, ní chuirfidh san as do: tá airgead 'n-a chocaidhibh beaga aige: ní chuirfidh chun deiridh é. Dealbh go deó ná rabhair, is agat atá an lámh fhairsing, nár chuirtear as choidhche dhuit: díombáidh na neamhchoinne nár thárlaidh dhuit. Dá gcloisteá ag cainnt é, shaoileas ná stadfadh choidhche, chuir sé as ar feadh na maidne ar fad mar gheall ar drochaiste na sclábhaidhthe: labhair sé cuid mhór 'n-a dtaobh agus go dásachtach. Leig do féin, ná tair treasna air, beidh san níos fearr nuair chuirfidh sé as a bhfuil ann: nuair bheidh an méid atá ar a aigne scaoilte uaidh aige. A bhfuil de dhochtúiridhibh in Oileán na hÉireann ní chuirfeadh as (amach) an aicíd atá ann: ní ruaigfeadh uaidh í. Sé rud atá ag teacht leis ná cuireann sé aon rud as: ná gluaiseann faic ó n-a chliabhlach. Cé chuirfeadh as so anois me?: cé hé go bhfuil de mhisneach aige baint liom. Chuir an ghealach aiste, b'é toil Dé é, a's sinn ag siubhal na conarach: lonnraidh sí. Ní chuirfidh an crann as, is eagla liom, tá cuma meathluighthe air: ní eascharóchaidh sé. An méid atá uait níl agam, seo sé púint duit agus cuirfead as an túisce a's bheidh ar mo chumas: adóchad air: cuirfead breis leis. Níor thárlaidh na rudaidhe sin go léir do, ná creid é, chuir sé asta: chúm sé breis a's nár thuit amach. Mo chómhairle dhuit an cómhluadar olc san, cuir asat iad: séan iad: ná leig in aon ghaor duit iad. Tabhair biadh maith don leanbh agus cuirfidh sé ann: méadóchaidh agus neartóchaidh é. Cad chuir ionat an áit d'fhágaint gan chead?: cad do spriog thu?: cad é an teadh ait a tháinig id cheann? Leigtear dóibh féin (féinig), ní atharróchaid choidhche, ní chuirfeadh faic ionta: ní chuirfeadh breis borradh ná feabhas ortha. Ag imirt chártaidhe deir imirtheóir lé n-a pháirtidhe ag lorg a chabhartha go himnidheach, "cuir ionam!": tacuigh liom. Seólfaidh sibh gan duadh rámhaidheachta, cuirfidh an ghaoth 'san taoide

libh ó dheas: cabharfaid. Cuir Séamas púnt sa bhailiúchán agus chuireas féin, dar fiadh, scilling bhreise leis: d'aduigheas air. Déin-se tóin-leasughadh i gcómhnaidhe leis, cuir lé gach rud adeir sé: bí ar a thaobh. "Ar cuireadh fáilte rómhat?" – "cuireadh". "Cuireadh na gadhair liom!": ruaigeadh me. Toisc ná foghlumóchadh an diabhailín faic ar scoil chuir a mhuinntir lé céird é: ag foghluim céirde. Chuirinn riamh leis pé "hólamtró" a rug air, ach d'éirigheas as nuair chonnac ná raibh aon fheabhas ag dul air: dhéininn tacaidheacht leis. Leath a n-abrann an cleasaidhe ná creid é, cuireann leis i gcómhnaidhe: faduigheann sé gach scéala ar a thoil féin. Creid é, sé béal na fírinne é, fear ná cuireann leis: a innseas an fhírinne lom. Cuirfidh lucht an pharóiste is giorra dhúinn linn ní fuláir: beidh ar ár dtaobh. Dá gcuirinn rómham corruighe ar mar a rabhas dubharthas liom go lámhachfí ar an bhfód mé: dá dtásdálainn: dá dtrealainn. An dóigh leat ná go gcuireann sé roimis dul ag dréim liom: go dtugann iarracht air. Gadaidheacht an ealadha do chuir sé roimis a's níor bh'fhéidir a fuath do chur air: an rud a thairng sé air féin mar ghairm bheatha. "Cad tá curtha rómhat (amach) indiu agat?" – "síneadh siar a's mo bholg do thabhairt lé gréin": ar t'aigne do dhéanamh. "Mhairbh an t-ólachán é" – "sin é do chuir sé roimis": nuair thosnuigh sé air níor stad sé. Chuireadar rómpa saoirse na tíre do ghnóthughadh le neart airm: ghabhadar ortha féin mar mhórchúram é. Cuireadh rómham ceaca b'fhearr liom dul i gcarcar nó an tír d'fhágaint: leagadh os mo chómhair mo rogha do bheith agam. Biadh an-olc do cuireadh rómham ná féadfainn a bhlas: os mo chómhair. Dá n-éistightí leis chuirfeadh sé tharais lochta a raibh de dhaoinibh riamh sa cheanntar: thráchtfadh ortha. Cuir thart go dtuitfidh an teanga asat maidir lém chuid-se den scéal: bí ag tromaidheacht 'sag suainseán ar do chroidhe díchill. Cuir thart a thuilleadh go bhfuil agat ortha óm cheanntar-sa ní haonne díobh san fós me: ainmigh iad. Is diaill an ritheadh seama a bhí fé, ar chuir sé tharais: na nidhthe, na himtheachta, na daoine gur thrácht sé ortha go fuadarach, mórfhocalach. Toigh an chuid atá slán des na leabharthaibh sin agus cuir thart an chuid atá stracuighthe: cuir i leathtaoibh iad. Táimíd leathchortha, is dócha, cuirimís tharainn an obair a's déinimís sos: éirighimís aiste go fóill. Chuireadar thársta an obair indé, agus budh mhithid é, is fada i gcosair chró aca í: chríochnuigheadar í. Mo thuairm láidir ná cuirfidh sé an Nodlaig thart, dá ghiorracht dúinn í, ar an gcrot gránda, mílítheach atá air: ná téarnóchaidh sé an Nodlaig. Bhí a ainm anáirde lé holcas ná cuirfí aonnidh dá mhalluightheacht tharais: creidfí go héascaidh go raibh sé i ndán aon ruda do dhéanamh. "D'imthigh sé ó n-a mhnaoi" – "ní chuirfinn tharais é": ní haon eadh agam san do chreideamhaint as eólas a ghníomhartha roime seo. Nuair briseadh isteach 'on tsiopa níor cuireadh tharais é toisc na drochcháile bheith air: is air do cuireadh an milleán. Cuir tharat an bád!: cas tímcheall í. Cuireann tríom bheith ag éisteacht lé duine ag tromaidheacht ar a chómharsain: goineann sé me. Nár mhór do cuireadh tríd nuair heitigheadh ar dhigh nár bhlais sé braon riamh airís i rith a shaoghail: baineadh é: goineadh a mheanma. Cuir umat: buail ort; cuir ort: gléas tú féin. Cómhartha drochshláinte ceart seadh é, gur chuir sé suas den mbiadh a's ná hitheann oiread an cháine: gur dhiúltuigh. Mise glacsam, ní chuirfinn suas d'aon rud a gheóbhainn in aisce: ní dhiúltóchainn é. As féin ní dhéanfadh sé choidhche é, duine maol mar é, mara mbeadh go raibh duine éigin a chuir suas fé: a spriog é. Cheannuigh sé an áit agus chuir sé suas de nuair thuig sé é féin go raibh sé ródhaor air: bhris sé a mhargadh sara raibh díolta aige as. Fiche uair d'iarr sé uirthe í ghá phósadh agus fiche uair chuir sí suas de: dhiúltuigh sí dá impidhe. B'fhearrde é dá gcuireadh sé suas den ól bliadhanta ó shoin: dá n-éirigheadh as: dá dtréigeadh é. Capall stailceamhail nách fios cathain a chuirfeadh suas d'obair: nár

bh'fhéidir do chur chun oibre. "Bead éadtrom ortsa", ars an breitheamh, "mar is amhlaidh do cuireadh suas tu chun na bpléascán so do chur": cómhairligheadh: ní asat féin é. Chaithis, adeirir, dhá uair an chluig i gCorcaigh, anois cuir síos dom (ar) cár chaithis an chuid eile den aimsir: ríomh dom: aithris. Dá mbudh mhaith liom é ach gur fearr liom bheith im thost chuirfinn síos duit ar an áit sin: d'inneósfainn rudaidhe neamhthaithneamhacha 'n-a thaobh. Dé bheatha-sa, cuir síos dom: eachtraigh dom: inns dom do scéala. Fear eólgaiseach é sin a chuirfeadh síos ar a maireann: tá sé i ndán trácht ar mórchuid. Cuma cad iad na lochtaidhe atá air ní chuirfeadh Éire síos é: is deacair é do cháineadh: is deacair buadhachtaint air. Chuir sé suas an t-éadach orm tréis margadh bheith socair againn: dhiúltuigh sé de é do thógaint agus díol as. Cheal taithighe ar an bhfarraige bhreóidhtigh sé leis an suathadh agus chuir sé amach: d'úirlic sé. Dá mbeadh foghluim mo dhóthain orm chuirfinn amach an cheist sin: réidhteóchainn í. Ní chuirfeá amach choidhche cé bhuail liom sa Daingean indé: ar bheith ag tabhairt do thuairme airís agus airís eile ní ainmeófá an té etc. B'fhada dhom ag cur a thuairisce agus ghá lorg sar ar chuireas amach cá raibh cómhnaidhe air: sar ar nochtas: fuaireas fios. An gcuirfeá amach dom cé hiad na himirtheóiridhe is fearr ann: an bhféadfá a innsint dom. Sin í an bhliadhain do chuir an tighearna amach sinn: as soilbh. Is olc a chuiris do chuid airgid a's é do chur i gcúram beithidheach: ní maith an chrích a chuiris air. Cuir isteach dom cad é an méid airgid dachad beithidheach ar deich bpúint deich scillinge an ceann: áirimh: déin iomláin an airgid do chur lé chéile. Cuirfead isteach an gaol atá againn lé chéile, do sheanathair-se agus mo mháthair-se an dreatháir 'san dribhshiúr: measfad é: áirmheóchad 'n-a cheart é. B'fhearr de dhóirneálaidhe go mór an fear dubh, chuireadh sé gach buile abhaile: in a luighe ar a chómhsparnaidhe. Níor bh'aon náire dho é in aois a dheich mbliadhan a's ceithre fichid do, cuireadh abhaile indiu é: adhlacadh é. Ar bhfeicsint don gcaptaen an drochchrot a bhí lastuaidh ar an muir chuir sé an bád ó dheas: d'iompuigh sé.

cuiripe: *f.4.* an ball d'ainmhidhe mar a dtagann an dá chois tosaigh lé chéile ag tosach an droma; barr géar, méiscreach carraige; aon áit árd lom. Cad fhásfadh ar an gcuiripe sin, níl de chré ann ach carraig: áit lom, árd. Ghearrfadh cuiripe an chapaill tobac duit!: chómh lom san go gcuirfeadh a chnámh droma scian i gcuimhne dhuit.

cúirliún: *f.4.* éan coitcheann; duine caol, caithte, seang. "Cá bhfaghad anois an rud atá uaim?" – "gheóbhair, mar a ndéineann an cúirliún a nead" (searbhas): níl aon dul agat air. Níl meas madra agam ort, agus maidir leis an gcúirliún d'athair atá agat is lugha ná san agam é: scroibille athar gan mhaith.

cuirptheach: *a.* malluighthe, urchóideach, truaillighthe. Dar leis an gcléir gur béas cuirptheach ag an óige rinnce a's ragairne atá ag déanamh a ndíobhála: olc dá n-anam a's dá gcorp. "Ifreann", ars an seanmónaidhe "stáid na gcuirptheach": neamhchráibhtheach: urchóideach. "Coir chómh cuirptheach san seadh dearbhadh éithigh", ars an breitheamh "go bhfuil an dlighe ag cur roimpe é do scrios amach trí pheannaid throm do chur ar aonne daortar ann". Cúirteanna cuirptheacha atá agaibh a's a rádh gur féidir na breitheamhain do bhreabadh: truaillighthe: toibhéimeach, iompuighthe ar an olc ón gcóir.

cuirptheach: *f.1.* duine urchóideach, malluighthe, truaillighthe, droichbheartach. Cad fáth go molfainn me féin, ná gur fearr me ná cách, cad tá ionam ach cuirptheach

peacaigh: peacach dona. A chuirpthigh fill orm an t-airgead a mheallais uaim léd gheallamhaintidhibh bréige: a dhuine tháir atá i ndán aon ruda dá olcas do dhéanamh. “Dréir deallraimh” ars an breitheamh ag cur fiche bliadhan braighdeanais ar an gcosnach mar gheall ar éigean, “ná fuil aon bheann agat ar phríosúnaibh, mar a bhfuil furmhór do shaoghail caithte agat, is tú an cuirptheach is truaillighthe a tháinig os mo chómhair riamh”: duine déanta drochchortha: ainscian duine.

cúirt: *b.2.* tigh mór áluinn cómhnaidhthe, tigh mórtach; clós mór; tigh go riarthar an dlighe ann. “Is fearr focal sa chúirt ná púnt sa sparán” (seanfhocal): is fearra dhuit léighe do bheith leat lé linn broide ná saidhbhreas do bheith agat. Ní dhéanfam dearmhad ar na dlighthibh do thugadar dúinn, “crochadh indiu a’s cúirt ambáireach”: neamhshuim i ndán dhuine. Bhíodh cúirt in aice Abha an Scáil fadó go dtugtí “Cúirt an gCorcán” uirthe mar mar gheall ar chorcán dob eadh an chéad chúis a bhí ’n-a láthair: riamh ó shoin tugtar an ainm ar chúirt ná beadh meas uirthe. Ní tigh atá aige ach cúirt: áit lonnuighthe oireamhnach do rígh nó dhuine uasal. Ar an ullmhughadh agus an t-adhbhar atá agat budh dhóigh lé duine gurb í cúirt na sé Seán agat: cúirt mhór éigin go raibh seisear dárbh ainm Seán ag gabháil dá fhoirgneamh diaidh ar ndiaidh lé n-a méid a’s a háilne. Cuireadh cúirt air lé marbhadh na mná: tásdáladh os cómhair na dlighe é. Chuir an chúirt ar bannaidhe é: na giúistísidhe nó na breitheamhain a shuidh ag éisteacht a chúise. Cuirtear cúirt air: cinnimís cad budh cheart do dhéanamh leis. Cúirt na bhFlaitheas, Neimhe, ár dTighearna etc.

cúirtéireacht: *b.3.* suirgheacht, do lorg lé grádh. “An bhfuil t’inghean mór anois?” – “sí tá mar sin, tá sí in aois a cúirtéireachta”: idir a sé déag ’sa fiche.

cúirtéis: *b.2.* galántacht nó maise béas; gnás nó gnáthamh. Gan chuireadh gan chúirtéis shuidh sé síos san gcuideachtain nár bh’eól dó duine uirthe: gan aon bhéasa do theasbáint, mar atá leathscéal nó cead do ghabháil. Fáiltigheadh rómham go geal agus tugadh cúirtéis dom mar tabharfí do rí, d’umhluigheadar agus bheannuigheadar agus labhradar go séimh: gnás síthbhialta agus urrama. Tá ainm na nÉireannach anáirde ar fuaid an domhain i dtabhairt cúirtéise do dhaoinibh deóranta: fáilte, láighche, agus deaghbhéasa. Mar chómhartha cúirtéise d’éirigh sí dá cathaoir, chroith lámh liom agus d’iarr orm suidhe: snastacht béascnaidh agus deaghmhúinte.

cúirtéiseach: *a.* míonla, miochair, urramach; deaghbhéasach; deaghthagartha; síthbhialta. Duine uasal cúirtéiseach: ó bhathas go trácht, i ngach cor agus gníomh. D’fhiafruigh an flaith dhíom connus mar mhair daoine bochta mo cheanntair, ghá rádh go ngoileann a n-aiste air agus gur cheart don Riaghaltas feabhas do chur ar a saoghal, bhí sé an-chúirtéiseach liom: míonla: urramach, béasach, muinnteardha. Ní fheaca riamh bean budh chúirtéisighe cainnt ná í, chuirfeadh sé aoibhneas ar do chroidhe bheith ag éisteacht lé n-a glór a’s ag breithniughadh a himtheachta: budh líomhtha clódh agus gníomh.

cúis: *b.2.* adhbhar greáin; cás (i gcúirt); fáth; bun; bunadhas; éileamh; call; an fáth a spreagas; aon rud a ghnídheas feidhm; rud a cuirtear i leith dhuine nó go milleánuightear leis é. Cad é an chúis go bhfuilir id shuidhe annsan fén bhfuacht, gheóbhair do bhás as: cad is bun leis. Cad é an chúis ná beadh sé ’n-a ghluaisteán mhaith, nách mór a chuid

airgid chuige sin?: cad ’n-a thaobh etc.: an bhfuil fáth ar bith ná beadh? Cad budh chúis le tú d’imtheacht i lár na hoidhche ’on Daingean?: cad budh bhun leis?: cad do bheir duit rud neamhchoitcheann mar é do dhéanamh. Níltear deimhnightheach cad is cúis leis na taoididhibh: cad a ghnidheas iad. Cúis mhaith a bhí aige lé breóidhtigh – nár fliuchadh ó thalamh é: adhbhar, bun: fliuchán an rud dob fhearr chuige. Daoine achrannacha seadh iad agus níl aca ach “iarraim cúis” chun dul i muineál a chéile: an leathscéal is lugha. Beidh díoghaltas agam, mar is fada cúis amuigh agam ortha ó rinneadar mo dhíobháil: seanfhaladh: fáth mígheana. An bhfuil cúis leis seo do bhriseadh: fáth: ar ghádh é? Dá mhéid cúise bheadh agat air ní fhéadfá gan maitheamh do, fear geanamhail seadh é: fáth bheith míomhuinnteardha leis. Cúis ghaire chughainn, nuair chonnac a léine trí n-a thóin siar thuiteas i dtrithidhibh fé: adhbhar: teagmhas éigin nách féidir fanacht ciúin. Ní dhéanfaidh an scian so cúis in ao’chor chun na feola do ghearradh, tá sí rómhaol: an bheart: gníomh. Seo libh abhaile anois, déanfaidh san cúis indiu: is leór san de chion an lae seo. Ná labhair im chúis in ao’chor, fág fúm féin mo chúrsa: ar mo shon. Is cúis leis gach aonne an tslighe atá tíortha beaga ar baillchrith ag cómhachtaibh móra: is brón leó. Is cúis liom-sa féin me féin: brathaim-se féin mo chás más cuma lé cách. Seirbheáladh é mar fhíné ar chúis go bhfeaca sé ar thárlaidh: mar gheall ar.

-chúis: *b.* (*i gcomhfhocalaibh*) beagchúis: suaraidheacht; mórchúis: éirghe anáirde: tóirtéis; gann(a)chúis: uireasbhaidh: gainne; neamhchúis: ceal cúise: umhlaidheacht; readhchúis: maoile: támáilteacht; géarchúis: braithteacht: do bheith i ndán rudaidhe do thabhairt fé ndeara agus tuar do dhéanamh ar nidhthibh lé teacht thar an gcoitchiantacht: anthuigseanach. An té go mbíonn an bheagchúis ag baint leis chuirfeadh sé pingin fiach in iúil ort ós chómhair na ndaoine: suaraidheacht: ceal galántachta. Ar phúnt nó dhó ní thuitfeadh sé amach leat, níl aon bheagchúis ag roinnt leis: sprionnlaitheacht. Duine ró-bheagchúiseach seadh thu chun aon chúram bheith ag aonne galánta leat: duine gan phreab. Cad as gur fhás an mhórchúis seo ionat ná labharfá lé duine?: tóirtéis: éirghe anáirde: mustar: leacsteámar. Dá me é do bheadh mórchúis orm as an scéal iongtach atá scríobhtha aige: éirghe meanman: meas. Riamh fiú amháin in aimsir Phiarais Firtéar, dá fhaid siar é, mórchúis ar fad dob eadh staigínidhe an Daingin: meas dochuimse aca ortha: iomchar a fhoillsigheas táir nó beagmheas ar dhaoinibh eile seachas iad féin. Th’anam ’on diabhal, a Liam, dá bhfeictheá ar an sráid é, a bhuachaill ’sa bhean ’n-a fhochair, ní fheacaís fear mórchúiseach riamh go dtí é: ar an gclódh a’s ar an imtheacht a bhí fé d’aithneófá gur saoileadh do do bheith níos galánta nó níos uaisle ná neach ’n-a thímcheall. Rug an oiread san gann(a)chúise tobac ortha a’s iad síonteanntuighthe, a’s andúil tar barr aca san luibh gur chuireadar an té tirim ’n-a bpípeannaibh mar dhúmas. Dhá léan ar an ngann(a)chúis, is deacair do dhuine breith ar scilling aice: uireasbhaidh mhór. Tá (a) fhios ag Dia gur b’é an truagh Mhuire gann(a)chúis do bhreith ar fhear laimhthighiseach: ceal. Gann(a)chúis fear n-oibre is bun leis an dtuarasdal mór atá dhá tharrac dóibh: uireasbhaidh fear. Budh dhóigh leat ar neamhchúis an fhir, ar gach cuma go maidean ambáireach, gan meas ná fuadar fé ná beadh púnt de strus an tsaoghail air: iomchar mín, íseal gan forcamás ar bith. Budh dheacair duine budh neamhchúisighe ná ár n-uachtarán do thoghadh, labhrann sé lé bocht a’s le saidhbhir a’s a chroidhe oscailte dos gach aonne: mín: gan an t-ionad árd atá aige ag suathadh a iomchair. Bheirim a bharra dho mar fhear, bhuail sé isteach ameasc bhláth an eolais a’s na huaisleachta gan groga as, chómh réadhchúiseach a’s dá mbudh ar a theinteán féin do bheadh sé:

neamhshuimeamhail: neimhimshníomhach: dochorruighthe. Dá mhéid cuthach a bhí ag teacht ortha chuige, a's iad ghá ghriogadh a's ghá mhaisliughadh ar a ndícheall d'fhan sé 'n-a shuidhe gan giocs as go bhfuair cao labhartha, annsan d'éirigh chómh réadhchúiseach a's dá mb'amhlaidh bheadh sé chun buidheachais do thabhairt dóibh in ionad iad d'fheannadh lé guibh a theangan: forasta: ciúin, suimeanta. Ainmhidhe bocht réadhchúiseach ná faghann leath a chirt seadh an t-asal: umhal, macánta.

cúisighim: *b.a.* cuirim locht, milleán, coir i leith. Níor bh'é an saoiste a chúisigh é ach a ghnóth bheith ag dul gan déanamh: b'shin é bun an lochta. Cúisigheadh é toisc gan solas do bheith ar a thrucail aige: tugadh os chómhair na dlighe é.

cuisle: *b.4.* (*iol.* –anna) bualadh nó preabadh na bhféitheann ó thuileadh na fola de bharr chraptha an chroidhe; bualadh; féith; an chuid den ngéig ón uilinn go crobh; focal ceana. Buail chughat do chasóg bháistighe ar do chuislinn, ní fios connus bheidh an lá, "ní h-ualach do dhuine a bhrat": i mbaic do ghéige. Mo chuisle thu! bhí a fhios agam-sa go bhfaghfá an lámh uachtair: treise leat: Dia leat: mo ghrádh thu! A chuisle mo chroidhe, is oth liom do thinneas: a ghrádh ghil. Nuair déintear beart ionmholta deirtear ghá móradh - mo dhá ghradhain do chuisle: mo ghoirim thu: go hiongtach amach 'samach. Dá mbuaileadh duine buille maith nó dá ndéineadh rud fóghanta lé neart a ghéag, deirtear "as do chuislinn (chuisleannaibh) é!": cuireann neart do ghéag lúthgháir ar dhuine. Braith a chuisle, ní dóigh liom go dtéarnóchaidh sé an oidhche: cuir do mhéar ar airtéir na fola d'fhéachaint nirt an chroidhe dréir a buailte. Ní fuláir nó tá neart na gile ann, féach a chuisleanna: géaga. Bhuaileadar an bóthar amach i gcuislinn a chéile: géag i mboic géige. Bhailigh a chuisleanna gaoil 'n-a thímcheall faid amach a's bhí ann: na daoine go raibh cuibhreach nó ceangal fola aige leó.

cuisleannach: *a.* go ngéagaibh láidre, go bhféitheannaibh bríoghmhar, láidir. Cá ngeóbhadh a neart? A Mhuire, féach ar an bhfear cuisleannach: géaga cúmtha, córacha, a's cuma an nirt ortha.

cuisne: *f.4.* cloichshneachtadh. Márta cuisne dob eadh é: fíor-Mhárta: fuar seacamhail a's cloichshneachtadh dhá chur aige. Suidh chun an teasa, táir leathta, tá do ghéaga ar nós an chuisne: anfhuar ar fad.

cuit!: focal a caithtear le cat chun a ruagtha agus lé duine (go mórmhór leanbh) a bheadh ag ganfhiosaidheacht ar shocmhainn go mbeadh dúil aige ann. Cuit as san!: gread leat, a chait. "Cuit a chait, tá do chuid sa chófra": imthigh anois, an rud atá uait tá sé fé ghlas a's gan dul agat air. Ag sádhadh madra lé cat éightear, "cuit! cuit! cuit!"

cúiteach: *a.* aithíocach, aithdíoltach, éiriceach. Thug sé casóg dhom ach má thug fuair sé feighre bróg 'n-a coinnibh, táim cúiteach leis: réidh lé chéile: gan me bheith fé haon chomaoin aige. As mharbhadh duine, bíodh sé 'n-a chinneamhaint féin ní cúiteach airgead: ní thugann sé díolaidheacht, sásamh nó éiric ann: saormhaithmheachas.

cúiteamh: *f.1.* aithdhíolaidheacht, luach saothair; luacht; sásamh in aghaidh díobhála nó dochair; cómh; do thabhairt a chómh i sásamh nó i ndíolaidheacht; díoghaltas. "Cad fáth

go mbír an uile lá ag úrnaighe sa teampall?" – "ag déanamh cúitimh lé Dia im pheacaidhibh": ag cur an méid sin duaidh orm féin chun maitheamhnachais d'fhagháil ó Dhia. Tabhair lá oibre dhom agus déanfad cúiteamh leat ar chuma éigin, tabharfad lá duit nó airgead nó rud éigin 'n-a chómh: díolfiach: éiric. Ní lia ruibe gruaige ar do bhathas ná dheineas maith dho, a chúiteamh níor dhein sé riamh liom: níor thug sé ná níor dhein sé faic 'n-a choinnibh a fhágfadh cúiteach sinn: maith ná comaoin níor dhein dhom. Marbhuigheadh seisear oifigeach saighdiúiridhe lé Sasana mar chúiteamh ar bheirt óglách do mharbhadh as fhuil fhuar: rud do dhéanamh nó do thógaint i sásamh ruda eile. Lá breágh éigin beidh mo shásamh agam-sa asat, mar is fada an cúiteamh amuigh agam ort ó fheallais orm: tá sé ag teacht chugham uait. Bhreab sé na seighléiridhe as é do scaoileadh amach agus thug sé airgead dóibh i gcúiteamh a fhaortha: i gcoinnibh a fhuascaltha. Má bhriseas do chasúr thugas a chúiteamh de chasúr duit: ceann chómh maith leis. Chaitheadar seal fada ag cur 'sag cúiteamh ceaca b'fhearr an namhaid d'ionnsaidhe de ló nó d'oidhche sar ar socruigheadh leó air: ag meas 'sag machtnamh. Seo in aisce dhuit é, ní gádh é do chúiteamh: aon rud do thabhairt 'n-a choinnibh. Obair gan chúiteamh gan buidheachas: obair in aisce gan taise don té a dhein í.

cúitighim: *b.a.* déinim olc in aghaidh uilc; aithdhíolaim; tugaim a luach uaim; tugaim a dhualgas nó díolfiach. Níl cur síos ar a mhacántacht dá luighead rud do dhéanfá dho chúiteóchadh sé leat é, ní fhágfadh sé fé chomaoin leathphingne ag aonne é féin: thabharfadh sé a chómh 'n-a choinnibh duit: luach do shaothair nó do bhearta. "Nár chúitighidh Dia do shaothar leat!" deirtear go searbhasach lé duine a dhéineas rud as an slighe nó beart neamhghádhtarach nó a dheineas maith ar dhuine nách fiú é é. Go gcúitighidh Dia do shaothar leat a's scrígh chugham má chídheann tú fánaidhe an tighe seo thall (in Aimeirice): go ndeárna Dia maith shaoghalta nó anama dhuit. Ní dearbhtha an oidhche i ndiaidh an lae ná chúiteófar ort gach droichbheart a dhéanfair: go bhfillfid ort: go ndíolfair asta. Cúiteóchaidh ár saoirse a ndearna Sasana riamh orainn: scaipfidh sí cuimhne ar fhuilngeamair a's beidh lánshásamh againn.

cúl: *f.1.* an chuid is iartharaighe den gceann; an méid fuilt a bhíos bailighthe thiar ar an gceann; deireadh; iarmhar; cosaint; aon nidh a congbhuightear lé haghaidh riachtanais; an taobh thiar. "Léan id chúl! maran fút atá an meas": deirtear lé duine go mbíonn éirghe anáirde fé. "Léan id chúl! féach cad tá déanta agat", deirtear lé duine a ghnídheas rud éigin ná taithnigheann linn. "Léan 'n-a chúl!" lé seanbhlas. "Féach an cúl atá air", deirtear le duine nuair nách taithneamh linn é. Cúl níos breághtha ní fheaca ar mhnaoi riamh: folt. An cúl atá air: beathuighthe. Ní chuirfeadh aon rud náire air siúd do dhéanamh, ná feicir an cúl atá air: cuma cheanndáine, dhaibhceach. Bhuail an pheil ar chuaille an bháide (bháire) agus d'imthigh sí cúl: amach as réadh nó ródh na himeartha ar an gceannfhearainn. An tusa an fear cúil: an té a chosnuigheann béal an bháide. Má thagann dubhluachair air tá cárta cúil maith aige – airgead sa bhannc: rud lé bheith ag brath air chun a chothuighthe. Dar fiadh ó chlaoidheamair lé chéile lé fiche bliadhain ní thabharfad (mo) cúl anois leat: iompódh uait, scaramhaint leat. Tabhair cúl ar an ólachán nó caithfir do chuid a's brisfir do shláinte: fág id dhiaidh é: seachain é. Cuir an t-arbhar san cúl le gaoith: tón na bpunannach i súil na gaoithe. Bhruigheanadar i roinnt na seilge a's thugadar cúl lé chéile ón lá san amach: scaradar cómhpháirteachas. Thabharfadh san a chúl leat, ná bíodh aon tsíos ná suas agat leis: theipfeadh sé ort. Ag tabhairt a chúil liom

do bhí sé i ngach áit dá bhfeiceadh sé me: ghom sheachaint. Tabhair do chúl do: ná leig ort go bhfeicir é. Lasmuigh d'oifig na mírdhéirce chonnac sraith mhór fhear ar chúl a chéile ag feitheamh lé n-a n-uain: duine aca laistiar den nduine eile. Drochúirlisidhe a's ní ceal céirde atá ghom chur ar gcúl: ghom mhoilliughadh. Ars an fear míoshásta, "Connus bheadh radharc ceart agam air a's gur ar mo chúlaibh do bhí sé 'n-a shuidhe san amharclann": laistiar díom. Sa tseanaimsir bheireadh an fear a bhean leis ar a chúl ar a chapall: ar an gcúlóig. Budh dheacair do a inghean do chur san áit sin chun scolaidheacht mar ná raibh puinn ar a chúlaibh: airgead i dtaisce. Is gearr uaidh an chabhair anois, tá sé ag dul ar gcúlaibh ó mhaidean: ag tréigean. Ná leig tú féin ar gcúlaibh: croith suas tú féin: ná bíodh mímhisneach ort: lean ded láimh. Rófhlaitheamhail fén-a chuid do bhí sé agus d'fhág é féin ar gcúlaibh: siar: in easbhaidh. Chuir Hitlear na cómhachta eile i ndiaidh a gcúil: 'n-a n-éisteacht nó iachall ortha tarrac siar. Thuit sé i leith a chúil ar an mbóthar cruaidh a's briseadh a mhuineál: siar ar chúl a chinn. Tháinig sé i leith mo chúil orm a's ní fheaca é ná ní raibh coinne agam leis: ón dtaobh thiar: go fealltamhail. An fhaill árd ós mo chionn ná féadfainn d'ascnamh a's an fharraige mhór ag faire ar me do scuabadh chun siubhail, is me bhí ar chúl scéithe go cruinn: i dteannta chonntabharthach. Áit uaigneach cúl lé faobhar, gan siubhal aonne air do thoghadar chun lonnuighthe: iargcúlta. Lá maitheasa níor dhein sé leis na ciantaibh ach ar chúl a chinn, gan gabháil isteach ná amach ann: ar a leabaidh luigheacháin. Táim-se ar do chúl, a bhuachaill: mise annso chun cónganta leat. De Mhuinntir Cheallaigh dob é a's ghaibh sé lé sloinneadh na bhFirtéarach; sin mar thug sé cúl le cine. Beir tamall maith ar chúl do chinn leis an gcois thinn sin: luighte. "Nách mithid díbh stad" – "oibreócham go cúl é", go deireadh an lae: go mbeidh deireadh déanta; go dtí go mbeidh an méid atá ann bainte as againn. Agus é ag fógairt a chuid stuic don bhfeirmeóir a bhí ag déanamh na foghla dubhairt an feirmeóir eile, "táim ithte go cúl agat": níl faic fágtha agam 'ged chuid ainmhidhthe. An t-alfraits, chuir sé an scian go cúl i gcroidhe na mná: isteach ar fad: go dtín gcois. Éist, táir chómh dall ar an nduine lé cúl do chinn!: fios ar bith níl agat air. Ná bíodh aon cheist ort, a bhuachaill, tá cúl airgid agam-sa ar do chur aon lá theastóchaidh sé uait: airgead i dtaisce. Dul ar a iontaoibh, ní raghainn, ní haon chúl dídin dom é: duine chun mo chosanta.

cúlachas: *f.1.* folach; áit folaigh; seachantas. Tugadh fé ndeara cúlachas neamhghnáthach air ó deineadh an choir agus leis sin caitheadh amhras air: bheith ag seachaint 'sag fuathadh na ndaoine. Cuarduigheadh agus athchuarduigheadh cnoc, sliabh, cumar a's gleann de chun beartha air, ach a chúlachas ní bhfuairtheas amach riamh: a áit dulta i bhfolach. Tair amach annso i gcuideachtain na bhfear, cuir uait an cúlachas: bheith ghod cheilt féin ar dhaoinibh. Eagla agam-sa rómhat? ná tuig, a bhráthair, go raghainn-se in aon chúlachas uait ná ó fhear is fearr ná thu: teicheadh.

cúladh: *f.* (*-ughthe*) do dhul siar; cúbadh; tarrac (chun). Ag cúladh bheidhfeá anois agus sinn chómh geairrid dár dtriall, ar aghaidh leat!: ag staonadh: ag tarrac siar. Cúladh ar a mhargadh is gnáthaighe leis sin, níor chóimhlíon sé a gheall riamh: ag dul siar air: ag dul 'n-a chois. Lé cúladh ná lé sádhadh ní bhfaghainn an bád, bhí sí greamuighthe ar stacán fochaise: í do chur i leith a deiridh lé rámhaidheacht. Cainnt chómh hantréan a's bhí ar dtúis aige níl aige anois – is léir go bhfuil sé ag cúladh: ag maolughadh: ag tarrac siar. Ná bí ag cúladh: ná bí ag maolughadh: lean den bhfuadar a bhí fút: ná bí ag teip ar do gheallamhaint. D'aithnigheas ar an gcapall ráis go raibh sé ag cúladh ag déanamh ar an

léim: ag éimeadh léimthe. Cad a dhéanfadh dream aon tighe gurb amhlaidh a bhíonn cuid aca ag cúladh a's an chuid eile ag sádhadh: ag tarrac i gcoinnibh a chéile.

cúlaidhe: *f.4.* duine a ghnidheas tacaidheacht le. Dá dteastóchadh uaim an áit do cheannach do gheobhainn cúlaidhthe mo dhóthain chun airgid do thabhairt: daoine chun na cabhartha riachtanaighe d'fhagháil.

cúlaim: *b.a.* $_7$ *n-a.* tairngim siar; aischéimighim; rámhaim i leith dheiridh an bháid; cúbaim chugham. Ná cúl! seasaimh an fód: lean de: ná tagadh eagla ort. Cúl an bád! raghair ar an gcarraig!: rámhaidh i leith a deiridh. Cúl an capall: cuir i leith a thóna é. Cúl siar beagán: tairng nó druid chun deiridh as an slighe. Cúl as, mo chomhairle duit, lean ar t'aghaidh 'sis tinn duit: éirigh as. Cúl ón ndiabhal: seachain tú féin ar drochrud nó -dhuine. "Cúl orm" ars an drochobair: fill orm: déin airís me.

cúláire: *f.4.* an scórnach; béal na diúiche; cúil nó cúinne uaigneach iargcúlta. Cheangail práta i gcúláire na bó a's tachtadh í: i mbéal na scórnaighe: i mbéal na diúiche. "Tart deireadh an óil"; tá mo theanga ceangailte dom chúláraibh tréis ar ólas: íota mór orm. Bheidhfeá ag cainnt ar fheirg do theacht ar dhuine, ach tagann cubharán lé 'n-a chúláiribh siúd: bíonn sobal bán lé cúinnidhe a bhéil. Curtha i bhfolach i gcúláiribh ar fuaid an tighe do bhí airgead ag an seanmhnaoi ait, cé go bhfuair sí bás den ngorta: i bpollaibh foluightheacha, iargcúlta, deiscréideacha.

cúláis: *b.2.* áit i leathtaoibh chun rudaidhe do chur as an slighe ann; áit nó seómra nó cúil bheag fé leith mar chídhfeá ag ceann siopa ólacháin. Tóg na corcáin a's na calánaidhe den úrlár a's cuir i gcúláis iad as an slighe: in áit ná beid ag teacht i mbealach aonne. Ní raibh ach slighe do thriúr againn i gcúláis an tsiopa: iosta beag, mar bheadh seómairín. Chaithfeadh sé a lá 'sa shaoghal ag ól i gcúláiseannaibh: áiteanna foluightheacha. Dá mbeadh aon chúláis siar as an dtigh d'fhéadfainn teicheadh tríd, ach ní raibh: slighe. Cuir na leabhartha san i gcúláis: i gcoimeád.

cúláisteach: *a.* oireamhnach, in aice do láimh, cómhgarach; freagarthach. Tá aon tigh tuaithe caillte gan áit chúláisteach mar cúlchistin chun adhlainidhe teinteáin do chur ann as an slighe: oireamhnach: a dhéanfadh an mhaitheas san. Craolachán agus leabhargán sa chúinne idir an t-adharta is an falla chómh cúláisteach agus gheóbhfá: áiseamhail: athchomair: gan mórán slighe do ghabháil. Suidh cúláisteach annsan gan aon ghuairneán ná corathónaidheacht: go gasta, gan breis slighe ná mar is gádh dhuit do ghabháil. Tógfad mo thigh in áit chúláisteach: gan mórán talmhan fé agus é athchomair.

culaith: *b.2.* (*iol.* –eanna) éadach cuirp; gabháil; balcaisidhe nó baill éadaigh; éideadh; iorradh; treallamh. Cuir an ughaim i gculaith: ceangail an dá chléibh dá chéile le borlaighibh tuigidhe. D'órduigh sé an long do chur i gculaith nuair bhí an chabhail críochnuighthe 'ges na saoir luinge: seólta, crainn, slata agus ragáil do chur uirthe. An gabha is fearr chun na rainne do chur i gculaith: samhthach agus cúilín do chur léi chun oibre. Tháinig sé amach ar an árdán i gculaith saighdiúra: in éideadh: an clúdach éadaigh a bhíos ar shaighdiúiribh. Connus chuirfinn teachtaireachta uaim agus gan culaith scríobhnóireachta agam: adhbhar. Bhuail sé chughainn isteach 'n-a chulaith airm a's

éididh: gléasta go hiongtach: gléas i gcóir cúrsa tábhachtaigh éigin. An bhfuiltí i gculaith fós: réidh: ullamh chun gnótha. Culaith Dhomhnaigh a's lae shaoire: an chulaith is fearr ag duine. Aindeis a dhóthain atá sé, níl an chulaith féin ar an bhfear bocht: dealbh, easbhaidhtheach. Culaith an Aifrinn; culaith an tsagairt: an éide (éile) bhíos air ag ceileabhradh an aifrinn. Culaith altóra: na héadaighe maiseacha a bhíos uirthe. Culaith capaill: gléas oibre an chapaill. "Go mairir a's go gcaithir do chulaith" deirtear lé duine go mbíonn éadach nuadh uime. Ar bhfeicsint duine go mbíonn droichéadach air de dheascaibh a choda do chaitheamh go haindeis, deirtear, "tá culaith a ghnótha air": maith a dhóthain do.

culaithirt: *b.2.* culaith; treallamh; gabháil; éide. B'ait leis na daoinibh ar dtúis mar chulaithirt an filleadh beag: éadach éagsamhail maidir lé déanamh a's clódh. Féach ar na daoinibh sa tseanpheictiúir seo a's culaithirt a n-aimsire a's a dtíorach ortha: gabháil éagsamhail a bhaineas go speisialta lé tráth a's tír áirighthe. An chulaithirt atá ar do chapall ní bheadh sí ag tuinncéir air: súgán brághad, cluasáin, srathar, briste, amaidhe, etc.: treallamh. Ar iontaoibh culaithirte an bháid sin níor mhaith liom dul, lá fiadhain: an gabháil maidir lé crann(aibh) seólta, téada, etc. Casóg throm bhréide go bhfuil culaithirt innte: clúdach maith ón sín.

cúlánta: *a. n-dh.* iargcúlta, iartharach, uaigneach; imchian. As áit chúlánta dho ná bíonn coidreamh ná siubhal daoine air, ní hiongadh an duine bheith támáilte, scáinteach: i bhfad ó bhualadh daoine. Gan éirghe suas ar an árd ón mbóthar ní fheicfeá an tigín cúlánta i gcom an chnuic: i bhfad ón mbóthar rianta: ó chonbharsáid.

cúlbhádh: *f.1.* (*iol.* –anna) árus nó seómra fé thalamh i dtigh; ceallóir. I gcúlbhádh do coimeádtí na píopaidhe fíona.

cúlbhrughadh: *f.* (*-ighthe*) luighe trom, teann ar an gcloigeann; teannadh dian ón dtaobh thiar. Deineadh cúlbhrughadh orm nuair buaileadh siar i gcoinnibh an fhalla me: goirtigheadh cúl mo chinn. Gheóbhair cúlbhrughadh lá éigin má bhír ag sleamhnughadh chómh minic sin: an brughadh is measa dob fhéidir ceann duine d'fhagháil.

cúlcháineadh: *f.* (*-nte*) suainseán; cúlchainnt mhasluightheach; tromaidheacht. Má tá aon rud táir ar dhruim na talmhan is cúlcháineadh é: do labhairt go holc ar dhuine ná bíonn láithreach ionnas ná cloisfí. Níl sé de mhisneach ag aonne faic do chur im leith im láthair, meathtuigh cúlcháinte seadh iad: daoine gan misneach a mhasluigheas me ós íseal: lucht ithiomráidhte: rádh drochthuairiscidhe.

cúlcháinim: *b.a.* masluighim ós íseal; cuirim éitheach ar; toibhéimim; scaipim tuairiscidhe bréagacha chun díobhála. Chúlcháinis me an lá dubhraís gur chúlas d'eadarnaidhe do dhéanamh ar na dubhchrónaigh, mar do bhíos san ionnsaidhe: chuiris bréaga orm chun mímheasa do theileagan ar mo cháil. Mholfadh sé ós do chómhair thu a's chúlchainfeadh sé thu: fimíneach: slíomadóir, cluanaire.

cúlchainnt: *b.2.* ag cainnt ar dhuine go mícheart a's gan é láithreach; suainseán, tromaidheacht; cáil nó meas dhuine do mhaisliughadh. Ní cúlchainnt dom-sa a rádh, tá an

méid seo i mbéal gach aonne: ní cur síos éagcórach dem cheapadóireacht féin é. “Mar bheadh an nimh ar an aithne bhuailis an doras isteach a’s sinn ag cainnt ort” – “ag cúlchainnt an eadh?” – “faic id choinnibh níor sceinn as ár mbéal”. Suanseánaidhe beag, sprionnlaithe nár tháinig focal maith dá theangain riamh ach cúlchainnt: tromaidheacht: ag labhairt chun mímheasa. Ní fada amach ó ghadaidheacht cúlchainnt: ní mór ná gur bh’ionann olcas dóibh.

cúlchainnteach: *a.* tugtha do chúlchainnt. Maidrín cúlchainnteach ná leigeann do chlú aonne: duine beag, suarach gur b’é a mhianach bheith ag síordhíomholadh.

cúlchoimeád: *f.* (*-ta*) an díorma a chosnuigheas nó a ghluaiseas ar iarthar airm; faireachas i nganfhios; aire i ndiaidh. Bíodh cúlchoimeád agat ar an mbád ag teacht isteach ’on chuas, mar tagann drochólaidhthe gan choinne: faire id dhiaidh. Cuireann sé ag gáiridhe me nuair chuimhnighim ar an gcúlchoimeád a bhí againn i rith an chatha – triúr stracairidhe ná rug ar arm go dtín lá san, dá mbeadh fios ag an namhaid é!: an chosaint chúil. Éad a bhí ar an bhfear go mbíodh sé ag cúlchoimeád ar a mhnaoi, ar a tóir i ngach áit dá ngaibheadh sí a’s ar gach rud dá ndéineadh sí: ag fairghis uirthe.

cúlchoimeádaidhe: *f.4.* taca, árdmhuinghin. Beag ocras a bheidh sa tigh sin ortha faid atá úncail saidhbhir mar é aca: chun cónganta le linn a riachtanais. An diall airgead a bhí againne ón gcéad lá amach ach go raibh cúlchoimeádaidhe maith againn gan easbhaidh airgid air, agus é ag teannadh linn bheadh thiar orainn: taca. Cheap Sasana agus an Fhrainnc go mbeadh an tSeic mar chúlchoimeádaidhe in aghaidh na Gearmáine aca i lár na hEóraipe, ach scaradh an tSeic bhocht as a chéile mar theannta in aghaidh ionnsaidhthe. D’fhág sé céad fear sa mhám mar chúlchoimeádaidhthe faid agus thug sé furmhór a shluaigh síos ar an machaire chun catha do chur: mar chosaint in aghaidh ionnsaidhthe as an dtreó san.

cúldoras: *f.1.* an doras iadhta; doras ar an dtaobh thiar. Ar éisteadh liom? éisteadh! a bhuachaill! fuaireas an cúldoras: caitheadh amach me.

cúl-lochta: *f.4.* lochta beag a bhíodh i seantighthibh tuige ós cionn an teinteáin; os cionn thóin an tighe a bhíodh an lochta mór. Caith ar an gcúl-lochta é: caith uait é, níl aon mhaith ann.

cúlmhánta: *a.* scáthmhar; támáilte; neamhcharráisteamhail, faitcheasach, cúthail, neamhthoilteanach. Ní fios den tsaoghal dom cad dhéanfad lém mhac óg, garsún is cúlmhánta ní rugadh riamh, choidhche ní bhíonn focal as chun é féin do chur in iúil: scáthmhar, gan aon fhonn labhartha ná a ghearán ná a lorgaireacht d’iarraidh. Ná bí cúlmhánta, labhair amach a’s iarr an rud atá uait: ná bí chómh támáilte: ná bíodh neamhfhonn cainnte ort. Róchúlmhánta dhuit ní raibh a fhios ag aonne ann nó as duit: cúthail: ciúin: iargcúlta ameasc cómhluadair. Táim cúlmhánta agat, ní fios dom connus mar ghlacfá liom: tá cúntar ag baint liom it fhiadhnaise: táim ghom chongbháil féin liom féin uait. Nách cúlmhánta ataoi léi a’s fonn cainnte uirthe leat: neamhthoilteanach ar labhairt léi. Buailmsciathacht ar fad dob eadh é ar an eólas a bhí aige ar Bhéarla a’s ar a dhíthmheas ar Ghaedhilg go dtáinig an Dún Chaoineach isteach, níor thúisce sin ná

cheangail sé a bhéal ar nós an bháirnigh (den gcloich), a's ní feacthas leanbh riamh budh chúlmhánta ná laoch na huaire roimhe sin: tostmhar, ciúin, gan fonn argóna.

cúlmhántacht: *b.3.* cúthaileacht, támáilteacht, neamhcharráisteamhlacht, faithcheasacht, neamhthoilteanas. Cad é an chúlmhántacht so ort ná raghadh ag rinnce? Náire roim an sloigisc sin ná fuil céim 'n-a gcois, an eadh? cad é neamhcharraisteamhlacht, ceal misnigh a's muinghine, scáthmhaireacht. Níor bhraith aonne istigh ná amuigh é lé cúlmhántacht: lé cúthaileacht: cúntar ameasc cómhluadair: neamhfhonn bheith soibhreithnighthe ameasc daoine. Ní haon mhaith do bheith leis, ní raghadh sé ag cainnt leis an sagart lé n-a chúlmhántacht: scáthmhaireacht: ceal carráiste: saghas faitchís mar bheadh ar dhuine go mbeadh eagla air go n-éireóchadh aon rud do. Dá loirgeófá gal (tobac) ormsa gheóbhfá agus fáilte, ach ní leigfeadh an chúlmhántacht duit é: an mhotháilt lé n-a gceaptar duit go mbeidhfeá fé chomaoin agam.

cúlóg: *b.2.* gort tamall ón dtigh; an chuid iartharach; suidheachán ar mhásaibh capaill; suidhte ar ainmhidhe a's na cosa ar silleadh ar aon taobh. Ní i gcúlóig do mharcuigheann mná na haimsire seo ach "scaradh gabhail" ar nós na bhfear. D'fhuaduigh sé an cailín 'n-a cúlóig ar a chapall iallaite: suidhte laistiar de a's a chosa ar silleadh ar aon taobh. Cuirfeam na cúlóga ambliadhna (is gnáthach gur talamh maith cúlóg).

cúlráid: *b.2.* seicréid; ceileatas. Na spiairidhe a bhí aca i dtíorthaibh coigcríocha ag obair ar an gcúlráid a thaighd eólas neart armála na ndúthaighe sin: ag obair fé choim. Ní feictear dom go bhfuil aon ghádh lé cúlráid ach ár ngnóth do dhéanamh i bhfios do chách: bheith ag obair fé cheilt. D'fhonn éirighthe leó dob éigean dóibh cúlráid do chleachtadh a's gan fios a rúin do bheith ag aonne toisc iad do bheith ameasc daoine a bhí neamhmuinnteardha, eascáirdeamhail: foluightheacht: gan aon rud do thabhairt lé feicsint ná lé clos. Is mór gur minicidhe gurb é an t-oibridhe maith a shaothruigheas ar an gcúlráid: gan aon bhlomas na bladhgar.

cúlráideach: *a.* deiscréideach, ciúin, neamhphéacach, neamhbhóibéiseach, neamhthaidhbhseach, neamhmaoidhteach. Bímís ag obair linn go cúlráideach agus bainfeam geit as an ndúthaigh nuair chídhfid ár saothar gan choinne: go ciúin: ós íseal. Dá chúlráidighe a bhí sé i dtaobh a thurasa so, ná leigfeadh le haonne cá raibh sé fuairtheas amach 'n-a dhiaidh san é mar d'éirigh tionóisc do a's bhí a ainm ar an bpáipéar: dá chluthara: dá rúnda. Bheadh sé choidhche ameasc cothaláin a's é chómh cúlráideach ná brathfadh aonne ann nó as é: ciúin: gan é féin do chur in iúil. D'éirigh sé chómh cúlráideach san chun labhartha gur dhóigh leat nár bh'é uachtarán na tíre é in ao'chor: gan aon taidhbhse ná forcamás.

cuma: *b.4.* deilbh (dealbh); déanamh, crot; éagcosc, deallramh, aisce, can, staid, módh, slighe (chun); múnla, dréachtan, patrún, inneal, seasamh. Má chreidfeá me, tá an oiread gráine agam ar an bhfear san nár bh'fhearr liom cuma bheadh air ná marbh!: an aiste: a dhán. Míol mór, ní fheaca riamh é, cad é an chuma atá air, fada, caol, nó gearr téagartha nó connus?: an deallramh: an déanamh. D'fhág sé a thigh ar feadh chúig mbliadhan agus ar fhilleadh dho fuair sé ar an gcuma gcéadna é: gan aon atharrughadh: gan faic imthighthe air. "Connus tá an t-easlán indiu?" – "sa chuma chéadna go raibh sé indé": níl

feabhas ná olcas air. Bearraidh tú féin i gcóir na sráide, ná feiceadh aonne ar an gcuma san thu: ar an aiste (neamhghasta). Tugann an tslinn atá ar an dtigh cuma ghránda air, níl sé taithneamhach don súil: deallramh. Dá bhfeicfeá an chuma thug an ghaoth ar an áit, níor fhág sí luid ann gan fuadach: can: aiste. Tamall bhíodar aindeis bocht a ndóthain, tá cuma mhaith anois ortha, ambaist: táid go maith as. Leathta 'gen bhfuacht orm ataoi, ól an brannda so cuirfidh sé cuma ort: músclóchaidh sé do mhisneach a's do mheanma. Cuma na haindeise a bheas choidhche ar aonne ná déanfaidh lá oibre dho: an rian a leanas í. Tá cuma ag teacht ort (ar an lá etc.) seachas mar bhí: feabhas. Dá fhaid iad ag obair níl cuma an tighe fós aca air: ní aithneófá dréir comharthaidhe gur tigh atá ar siubhal aca. Cuir cuma ort féin: cuir malairt clóidh ort féin: feistigh agus socruigh tu féin: atharruigh t'imtheachta chun feabhasa nó chun dul i dtreó cheart gnótha nó oibre. Anois atá cuma na hoibre ag teacht ort go bhfuil gach rud agat a theatuigheas uait: deallramh: féachaint go ndéanfair obair mhaith. Duine ag fagháil bháis, duine ag pósadh a's duine ag teacht ar an saoghal, sin é an chuma: sin mar tá ag beatha nó saoghal an duine. "Cad é do mheas ar an áit seo?" – "tá cuma air": snasta, córach, slachtmhar: taidhbhsigheann sé go ndéanfaidh sé an gnóth go maith. Ní maith é mo thuairm as an lá, tá sé ag cur cumaidhe air: ag atharrughadh ar olcas. Ithte ag an meas atá sé, na cumaidhe chuireann sé air féin ag siubhal na sráide: maigeanna: iarrachtaidhe nách dual ná dúthchas. Scannróchair an leanbh leis na cumaidhibh sin dhá chur ort agat: an scéan atá id shúilibh a's an breall atá ar do phus: scaibheanna: fiaradh: castaidheacha ar an ndeallramh nádúrdha. Pé cuma é, eisean do theacht nó gan a theacht tiocfad féin: ar aon tslighe. Pé cuma é dá luighead é agus dá laige é gaibheann sé 'n-a aonar tríd an obair: is deacair a thuigsint. Pé cuma go rabhas ann ránguigheas in am go bhfeaca ar thárlaidh: thug rud éigin neamhghuiseach nó nách cuimhin liom ann me. Dá scrighteá é sin ar chuma go mbeadh na leitreacha fiar-sceódh ní aithneóchadh aonne gur tú a dhein é: i slighe. Buaileadh me ar chuma gur goirtigheadh me: ar shlighe. Ar an gcuma gcéadna i gcómhnaidhe, níor atharruigh sé pioc dá fhaid ón áit do: mar a chéile etc. A mhic ó, an chuma chuir sé air féin chugham nuair iarras mo thuarasdal air: an deallramh diúltuightheach.

cuma: *a.* neamhchás, réadhchúis, neimhspéis, ionann: mara chéile. Chaith sé a shaoghal anáirde leis féin nuair dubharthas leis nách fada mhairfeadh sé, budh chuma leis agus dar ndóigh budh chuma dho: ní raibh aon tsuim aige cad é an chrích a bheadh air agus b'é an dá mhara chéile dho é. Bíodh sé 'n-a aindeiseóir aonair anois mar sin, nách chuige sin "nár chuir sé cuma ná ceartughadh riamh air féin": nár chuir sé crích shaoghalta air féin. Is cuma dhuit cad dhéanfad-sa, déin do chuma féin: is ionann duit-se é: ná cuireadh sé mairg ar bith ort. A raibh lé déanamh againne tá déanta, is cuma dhúinn anois: ní gádh dhúinn aon imshníomh do bheith orainn. "Is cuma liom-sa", ars an fear agus laochas air – "cuma an chait ort!" ars an fear eile ghá fhreagairt go searbhasach: deallramh an chait go raibh ort. Aon rud do chuirir rómhat a dhéanamh is cuma thu nó gíotálaidhe ag gabháil de: is mara chéile: an clódh a's an t-imtheacht céadna. "Is cuma cá ngeóbhaidh an corp nuair imtheóchaidh an t-anam" – "ní cuma sin in ao'chor": is tábhachtaighe ná san é. Déineann tú gach aonnidh go mainíseach, neamhchúramach ar nós is cuma liom: gan aon chuimhneamh ar ghastacht ná slacht. Bhuail sé isteach ar nós is cuma liom: gan suim in aon rud ná duine. Budh chuma leis breis púnt do chailleamhaint ach deich gcinn aca, b'é sin an scian tríd an gcroidhe leis: ní chuirfeadh leath-oiread nath i mbeagán.

cumá: *r.ch.* cad fáth; cad é an chúis. "Ceannóchaid culaith nuadh" – "cumá ná déanfá?": ná fuil an oiread de cheart agat chuige lé neach eile? Cumá ná beadh airgead aige, duine atá ag síorthuilleamh agus nár chaith faic riamh ar míriar?: ní hiongadh é do bheith aige.

cuma-bhrughadh: *f.* (*-ighte*) athchuma, máchail clódh; mídhreach, éagcroth. Bhítheas ag gabháil de dhóirnibh a's de chosaibh air ghá ghortughadh gur tugadh cuma-bhrughadh ghránda air, níor fágadh súil ná béal ann: deineadh malairt crota do thabhairt ar a bhallaibh beatha. Is iomdha cuma-bhrughadh do fuaireas ó gharsúnaibh na scoile i mbrughtam caide (peile) nuair thuitimís 'n-ar gcarn ar a chéile: suathadh a ghoirtigheadh a's d'fhágadh tinneas cnámh.

cumadh: *f.* (*-mtha*) do dhéanamh, do dheilbh, do cheapadh; ceapadh; dealbh (deilbh), aon rud, mar scéal, curtha as a chéile as an aigne. Dubharthas indé go bhfuair Máire capall ar an gcrannchur, cumadh seadh é, mar dá bhfaghadh bheadh a hainm ar an bpáipéar ameasc lucht an bhuaidhte: cóiriughadh: rud a cheap duine éigin as a aigne féin. Léan air, ná créid é, ag cumadh thugann sé a shaoghal: ag déanamh scéalta bréagach agus snas na fírinne ortha. Ar feadh an bhóthair bhí an bheirt againn ag cuimhneamh 'sag cuimhneamh d'fhéachaint an bhféadfaimís faic do chumadh dho a bhogfadh a chroidhe: eachtra nó scéal taithneamhach do chur lé chéile. Ag gach tír aca san tá timiridhe ag cumadh beart chun díobhála tíortha atá 'n-a gcoinnibh: ag déanamh ceilge. Bheadh fonn air siúd, duine éirimeamhail, a bhrat do leathadh go fairsing, ní bheadh sé ghá chumadh féin lé siopa amháin gan sraith aca do bheith aige: ag cur teórann leis féin. Thosnuigh sé ag cumadh bróg, i dtúis a shaoghail, anois tá na milliúin aige: ag tarrac dréachtáin nó pátrún bróg maith. Ná bí ag cumadh dom: ag innsint bhréag dom. "Connus tá ag file an oileáin anois?" – "ag cumadh i gcómhnaidhe": ag déanamh dán. "Deirtear gur éirigh sé as an mbannc a's nách amhlaidh a ruaigeadh" – "sin é a chumadh féin": a innsint mhícheart féin. Ag cumadh a bhíos nuair gheallas mo thigh duit i gcóir an tsamhraidh: ag innsint bhréige.

cúmadh: *f.* (*-mtha*) ag déanamh, ag deilbh, ag cur cuma ar, ag cruthughadh, ag tabhairt fuirme dho. Chun cruidhte capall do chúmadh i gceart ní mór teallach inneóin, teannachair agus casúr: do chur san ndeilbh is riachtanach. Chun fonnsaidhe daraighe nadhbhóige do chúmadh le cur ní mór iad do chur ar bogadh in uisce te; gan san bhrisfidís: do chur san bhfuirm nó cuma is gádh chun a ngnótha. Ag cúmadh oireamhaintidhe aibhléise do thug Eideason furmhór a bheatha: ag ceapadh as a mheabhair chinn oireamhaintidhe éagsamhla. B'air budh ghearr an mhoill cnuic, guirt, tighthe, bóithre etc. do chúmadh ar pháipéar: dréacht do dhéanamh.

cumadóir: *f.3.* duine a chuimhnigheas ar rudaidhibh ná bíonn fíor ná i gceist as a stuaim féin; finnscéalaidhe. Cumadóir diabhail seadh nár cheart focal as a bhéal do chreideamhaint: duine a bhíos ag ceapadh scéala chun daoine do chur amugha nó chun a meallta lé hinntin a bhfóirleathanadughadh. Nuair théigheann ar an bhfírinne dho, cumadóir maith seadh é; ní bheidh díth nuadhachta ná eachtraidhthe air: ceapadóir.

cúmadóir: *f.3.* ceapadóir, duine a cheapas rud nuadh mar craolacháin, long aoir etc. Eideason, Marcóiní, beirt chúmadóiridhe áitrighthe - duine aca ar an aibhléis, duine aca

ar an eadarbhuais. Cúmadóir áluinn a dhathuigh an peictiúir do mhol na hughdair go léir: duine a bhí i ndán a dheilbh a's do chruthughadh go slachtmhar. Cúmadóir culaitheanna ban dob eadh a inghean: a dheineadh dréachta ar éadaighibh caithte ná raibh ann roimis sin. Pé hé cúmadóir an tighe seo tá sé cam: an té a shín amach an fotha.

cumadóireacht: *b.3.* ceapadh nó cur lé chéile ná fuil fíor; scéal nó eachtra as stuaim duine féin. Cumadóireacht dob eadh gur éag sé, chonnac an lá eile go beó beathadhach é: déantús: rud ná raibh i gceist ach adubhartas go raibh. Cumadóireacht an gharsúna gur theastuigh uaidh dul go dtín cluiche peile a chúm ("u" fada) go raibh a sheanmháthair tréis bháis a's í n-a beathaidh nó an gharsúna a bhíodh ag éigheamh, "machtíre!" "machtíre!", a's gan a lithéid ann: do cheapadh in éitheach. Chaithfinn mo shaoghal ag cumadóireacht áidhbhéise do leanbhaidhibh: bainim aoibhneas an domhain as a shaontacht do chreidid me: ag deilbh scéal a's eachtraidhe dhóibh.

cúmadóireacht: *b.3.* deilbh, cur lé chéile; tógáil; déantús. An chúmadóireacht do scrígh sé ar olcas an déanaimh atá iascairidhe d'fhagháil, an ceal fearais, an tslighe atá bradaidheacht a gcuid éisc, an ceal margaidh, etc. mhúscail sé an riaghaltas: an cur lé chéile ar gach poinnte. Ealadha chaillte seadh an chúmadóireacht a dheineadh an seandream ar throscán tighe: an deilbh agus an déantús. Cuideachta olc seadh me, is oth liom a rádh, mar ná fuil cúmadóireacht ná cumadóireacht ar eolas agam: níl ionam scéal do cheapadh ná d'innsint.

cumaim: *b.a.* 7 *n-a.* deilbhim, cruthuighim, ceapaim, beartuighim, tionnscnaim. [Bíonn "u" fada nuair chialluigheann an focal rudaidhe corpordha ach nuair chialluigheann sé rudaidhe teibidhe ní bhíonn sé fada ach san aimsir fháistinigh, ach san módh coingheallach agus an phréamh san aimsir chaithte feictear na focail rómhainn]. "An crot atá ar an ndruinnire aindeis chuirfeadh sé crith chos a's lámh ort féachaint air" – "cad é a leigheas air, tá sé mar chúm Dia dho é": mar cheap: leag amach. Cum tú féin go cúthail annsan, agus ná faghaim gíog asat!: bí id shíorthost. Cá bhfuairis an tseóid? cé chum ná cheap é? (seanbhlas): cé hé atá freagarthach leis? Gach rud dá ndubhairt sé is amhlaidh do chum iad: do chur lé chéile iad as féin. Cumann sé mar is mian leis: fear éithigh seadh é. Chumas do, dá dtéigheadh sé chughat, go raibh gnóth tábhachtach agat de: dubhart as mo chabhail féin gan pioc de bheith i gceist. "Is ró-aoibhinn an fíné thú", ars an t-atúrnae, "cúm leat": inns leat as do cheann amach rudaidhe nár thárlaidh. Chumadar lá áirighthe chun buailte lé chéile i Lonndain: shocruigheadar air. Gcloistí air sin mar chainnt ait, cad ná cúmfadh sé?: chuimhneóchadh sé ar aon éitheach dá dhiamhairighe.

cumaisc: *b.2.* coidreamh neamhdhlistinneach idir fhear is mhnaoi; baint. D'fhógair agus bhagair an sagart ón altóir míriaghaltacht agus díthchrábhadh luch cumaisce ná feicfidís radharc neimhe choidhche: a chleachtuigheas peaca fuathmhar mar é.

cumamhail: *a.* córach, déanta, deaghdhéanta, deaghdheallramhtach. Budh chumamhla lé gamhain óg é ag ól ná lé críosdaidhe, go saorair sinn! an t-íota a bhí air: gamhain do chuirfeadh sé i gcuimhne dhuit. Níl sé cumamhail lé haonne den gclainn, tá ceann dubh air a's an chuid eile fionn: cosamhail: ní hé a ndeallramh atá air. Budh chumamhail lé geilt é ná duine ciallda ar an mbáinidhe a bhí air: duine as a mheabhair a's ní duine go

mbeadh a mheabhair aige. Dar leis an bhfiadh sa scéal gur chumamhla é as a bheannaibh ná as a chosaibh: gur chóraighe: thaithneamhaighe. Bíodh muinghin agat as do chapall, tá sé cumamhail a dhóthain: tá deallramh air go mbeartóchaidh sé go maith ar a thásdáil.

cumamhlacht: *b.3.* cuma, deallramh áirighthe; deilbheacht; cosamhlacht. Ós cionn a fhichid bliadhan do a's gan cumamhlacht ar bith ag teacht air: deallramh fir. D'aindeóin na bpiast is na drochaimsire tá cumamhlacht ag teacht ar na crannaibh ubhall: dul chun cinn. Arm óg seadh fós é, budh dheacair cumamhlacht do bheith air go fóill: crot go mbeadh gach rud in órd mhaith.

cumann: *f.1.* grádh, cion; leanamhnachas, iontaoibh. Gheóbhadh sé aon rud ó mhuinntir an cheanntair, sé cumann na ndaoine é: an té is mó cion is báidheamhlacht aca. "An gcualaidhís gur fhág sé míle púnt 'ge bochtaibh an bhaile?" – "mo chumann é": Dia leis! mo ghradhain chroidhe é! Dá bháidheamhlacht bhíodar seal, ní mar sin dóibh anois, níl aon chumann amugha eatartha: ní lugha grádh duine aca ar a chéile ná an duine eile. Ná tabhair do chumann do dhuine gan aithne: ná cuir nidh ar muinghin aonne ná beidhfeá deimhnightheach dá iontaoibh. Mise a's mo chéile cumainn: dianghrádh: an té ná fuil rún ar bith agam uaidh. Mo chumann an té go mbíonn rud aige: is roimis a bhíos fáilte.

cumannach: *a.* gleóidhte, ionamhairc, miochair, soranna, báidheamhail. An té go mbíonn rud uaidh fé chomaoin iarrann sé go cumannach é: go humhal, solabhartha. Budh chumannaighe liom fear a bhuailfeadh me agus a dhéanfadh maith dhom ná sleamhanánaidhe neamhmaitheach bheadh ghom mholadh: budh thaithneamhaighe: b'ionmhuinne liom. Foillsigheadh urraim mhór dom ar bórd ann, chuir na freastalaidhthe an uile bhiadh os mo chómhair go cumannach: go gleóidhte.

cumannach: *f.1.* caomhna; cómhpháirtidhe; seise; cómhbhall d'aon chuallacht. A chumannaigh, ná tréig me, tá an bás im ghaor, beir mo scéal abhaile leat: a chaomhna: a chara mo chroidhe. Cumannaigh aon chuire sladaidhthe, chómh dilís sin gur bh'fhearr leó an gad ná scéitheachtaint ar a chéile: cóimhleacaidhthe: cóimhchéilidhe: daoine go raibh ceangal connartha eatartha ar thoisc áirighthe.

cumanntacht: *b.3.* báidheamhlacht; ceangal caradais; cóimhchion cothuighthe idir dhaoinibh aigne cómhranna; coidreamh as cómhurraim nó cóimhmheas; cineáltacht. B'olc an díol air mo chumanntacht, ní uair ná dhá uair do chuireas comaoin air, ná dheineas bail do, a's ní túisce theastuigh a chabhair uaim ná d'éim sé me: mo mhuinnteardhas. Ní bréag a rádh ná gur mhór é a cumanntacht do, í d'fhanacht deich mbliadhna chun a phósta faid bhí sé i bpríosún: a cion. Drochchómhartha iontaoibhe seadh cumanntacht i gcoir: coidreamh gnímh.

cumar: *f.1.* (*iol.* –racha) gearradh doimhin sa talamh; lag mhór nó com isteach i ngabhal cnuic; bealach. Tabhair cumar éigin eile ort féin, scrios an áit seo: bíodh ball éigin eile agat, níl fáilte annso rómhat. Seachain tú féin ar lucht na gcumarach: daoine iargcúlta, is gnáthaighe trí cheal coidrimh gan iad bheith mín ná socair.

cumas: *f.1.* neart, cómhacht, acfuinn, gustal, smacht. Dhá chéad púnt atá uait? níl agam ach céad, sin a bhfuil ar mo chumas do thabhairt: neart agam air: gur féidir é. Cad is fiú ag lucht cumais capaill ráis do bheith aca: daoine saidhbhris go mbíonn an acfuinn riachtanach ar a gcur. Cuirfead ar do chumas dul 'on chathair mhóir, bhéarfad an t-airgead dhuit: id chómhacht. Thug sé síntiús uaidh dréir a chumais: fé mar fhéad sé: mar bhí neart aige air. Dá mbeadh cumas ar do mhac agat, a's é do chosc, ní bheadh sé 'n-a ghadaidhe chríochnuighthe mar tá: smacht: cómhacht. Bean thábhachtach dob eadh í go raibh cómhgar aice le ceannaibh na dlighe agus cumas ar dhuine do thabhairt saor ón gcroich: cómhacht aice agus léighe léi. Beidh feichtheóiridhe ar an oidhreacht go dtiocfaidh an mac i gcumas: in aois fir. Fuaireas cumas iomláin uaidh an tigh do thógaint mar budh mhaith liom agus pé airgead budh mhian liom do chaitheamh: cead déanta mar is mian liom. Níl sé ar mo chumas éirghe, táim rólag: ionam éirighe: de neart. Fear galánta é sin, dá mbeadh cumas aige air: dá mbeadh a phóca fé dho. Cad é an cumas atá ar an nglas so, tá sé ag dul díom: cóiriughadh: órdughadh: eagar. Buaileadh sa ghlúin é a's cuireadh ó chumas (imeartha) é: ar míthreóir. Faic ní fhéadfainn-se do dhéanamh asam féin, airgead do dheónadh ná do mholadh táim fé chumas na hoifige: deinim mar deirid.

cumasach: *a.* láidir, neartmhar, cómhachtach, inneamhail, acfuinneach, éifeachtach, bríoghmhar, foirtil. Ughdar cumasach seadh Brian Seágh, a liacht cluiche agus aistidhe glioca atá scríobhtha aige: cómhachtach: incheannach, inntleamhail. Fear budh chumasaighe ná é ní fheaca im shúilibh cinn riamh, ní fhéadfá gan stad agus é do shuimiughadh: deaghfhéachain: dathamhail. Fear cumasach a iomcharóchadh dachad cloch meádhachtainte ar a dhrom: láidir. Ceannaidhthe cumasacha a thugas lastanna cruithneachta ó thíorthaibh in imigcéin: ionmhasacha: saidhbhre. Tá do bhuillidhe ró-chumasach, brisfir na maididhe rámha: róláidir.

cumha: *f.1.* luach saothair, aisce, dualgas, breab, coingheall. Ar chumha ná ar chleas ní scarfadh sé leis an rud a shaothruigh sé go daor: ar aon choingheall: ar chuma ar bith. Ní fheadar an meallfainn a inghean uaidh ar chumha nó ar chleas?: lé gliocas bladair nó lé beart neamhmacánta. Órduigheadh dom dreachtáin an dúna cosanta d'fhagháil ar chumha nó ar chleas: ar áis nó ar éigean: lé breib, goid, lámh láidir, ar aon tslighe in ao'chor. Is é a bhfuaireas-sa i gcumha mo throda ar son mo thíre, tigh na mbocht!: luach saothair. Aithreachas a gcroidhe do bhí ar mhórán Éireannach ná raibh in Éirinn Seachtmhain na Cásca, chuirfidís rud maith i gcumha bheith ann: thabharfaidís rud maith air: b'fhearr leó é ná cuid mhór, mhaith. Go raibh a chumha ar neamh agat: gurb é neamh t'ionad as an mbeart atá déanta agat.

cumha: *f.1.* brón, ochlán. "Dréir gach deallraimh beidh na cómhachta móra i muineál a chéile go luath" – "mo chumha é!": is beag tinneas do chuireann san orm-sa. Ní chuireann sé aon chumha air siúd, duine neamchraoscalach, ainmhidhe do chailleamhaint air: ní hoth leis é. Chuirfeadh na leanbhaidhe beaga truagh Mhuire ort ag cumhadh ar bhás a máthar: ag olagón go brónach. Ná bíodh cumha choidhche ort i ndiaidh cabhartha leis na boicht: aithreachas: doilgheas: tinneas nó imshníomh aigne. Ní chuirfead a chumha choidhche dhíom gur labhras go mícheart ort: tinneas aigne as olc déanta agam.

cúmhachtóir: (**cómhachtóir**) *f.3.* duine go dtugtar cómhacht nó ughdarás foistineach dho. Suaidhte go maith atá sé an aimsir seo idir na cómhachtaibh móra, tá glaoidhte abhaile ge Sasana, an Fhrainnc agus an Ghearmáin ar a gcúmhachtóiridhe tar lear: taidhleóiridhe na hionadóiridhe go bhfuil cómhacht iomlán aca rudaidhe do shocrughadh a bhaineas lé n-a gcúram ach é bheith fé bheann an riaghaltais a thug an t-ughdarás dóibh. Sid é an fear go bhfuil ar a chumas airgead do thabhairt chun tighthe do thógaint, is é cúmhachtóir an riaghaltais é: an fear ionaid atá aca chun an ghnótha speisialta so do dhéanamh.

cumhainge: *b.4.* caoile; neamhfhlúirse, sprionnlaitheacht. Cumhainge a chroidhe ná leigfeadh do pingin do chaitheamh ar ghannaidhibh na beatha dho féin, go bhfuair bás den ocras a's ór 'n-a dhiaidh: ceal flúirse. Luigh an bhróg orm lé n-a cumhainge: ghoirtigh, mar ní raibh sí fairsing mór a dóthain dom chois. Leantas den gcumhainge, is maith an rud ádhbhar mar ná fuil an raidhse againn: tarrac go caol, aireach. Cumhainge an chasáin ná geóbhadh beirt thar n-a chéile: caoile. Rugadh i gcumhainge air a's é 'n-a chodladh teine sa bhfuinneóig a's sa doras ná féadfadh fágaint: i ndraip: teannta. Cumhainge ní raibh riamh sa tigh sin, gach aonnidh dá fheabhas siar síos: flúirse ann.

cumhán: *f.1.* gortughadh cuirp, doiligheas croidhe; buadhairt. Fágfaidh an iomad iarnaidhe sa teine cumhán ort-sa lá éigin, mar ná féadfair na gnóthaidhe go léir d'fhritheáilt: déanfaid do dhíobháil. Cuirfidh do bhóithre cama cumhán ort mara n-atharruighir: buadhairt: díolfair asta. D'fhág bruidheanta a's achrann a's ragairne cumhán air, tá sé lán den eitinn anois: rian díobhálach, dochraideach. Cumhán cléibhe ort, (eascuinghe) ná fanann socair: go dtárlaidh olc duit. Ná bac tharat mise ná mo chúirmidhe; ná bí ag déanamh cumháin dom: ag déanamh meargó dhuit.

cumhang: *a.* caol, neamhleathan; sprionnlaithe, neamhiomlán. Tairng go cumhang ar an airgead san, mar sin a bhfuil lé fagháil agat: caith go coigilteach é. Cumhang a dhóthain do tómhaiseadh chughat é, níl pioc farra a cheart ann: caol: sprionnlaithe. Mhuise, ná bí cumhang, scaoil a thuilleadh: ná bí sprionnlaithe: ná bíodh peaca an tómhais ort. Áit chumhang ná fuil aon fhairsinge chorruighthe agam: slighe iondrabhála. "An té gur cumhang leis a bhróg is cumhang leis Éire" (seanfhocal): nuair bhíonn bróg fháiscighthe dhocht ar dhuine bíonn sé cor(a)thónach, nách fios do cá stadfadh sé. Ní maith leis lucht rinnce, lucht óil ná lucht tobac do chaitheamh, fear is cumhainge ná é ní bhfaghfá: tuairmidhe beaga, suaracha. Tá croidhe cumhang aige nó gheóbhad-sa rud ar cáirde uaidh: neamhlaimhthighiseach: neamhghéilleamhail. Budh chumhang leis an ngaige an áit, ní raibh greann ná seódh ná caitheamh aimsire dho ann agus d'imthigh: neamhscléipeach. Budh chumhang lém chroidhe bheith ag éisteacht leis ag greán: budh bhrón é. Níl an fhaid cheart sa chlár so ná in aon ghiorracht do, nách cumhang d'fhéachais chuige: níor ghéillis d'fhaid an méid a bhí riachtanach. Tá an poll ró-chumhang don ndola, ní raghaidh síos ann: róbheag.

cumhangach: *f.1.* teannta, draip, cruadhtan, ponnc. Rugadh i gcumhangach faille a's farraige air a's dhein minmheilt de: smiot an mhuir i gcoinnibh na faille. Rugadh i gcumhangach báid a's luinge air: thuit sé eatartha agus greamuigheadh ann é.

Cumhangach airgid atá ag teacht liom ná féadfainn dul ar aonach ná ar mhargadh: gann(a)chúise nó uireasbhaidh airgid.

cumhangaim: (**cumhanguighim**) *b.a.* 7 *n-a.* seargaim; caolaim, luigheaduighim, teóruighim, teanntuighim, canntálaim (ar). Cumhang(uigh) thu féin, táir sa tslighe orm: connluigh: ceartuigh: cruinnigh do ghéaga a's do chorp lé chéile: crap chughat. Drochéadach dob eadh an chasóg san, is mór mar chumhang(uigh) sí, tá sí róbheag duit: shearg sí: chuaidh sí 'n-a chéile: chrap sí. Cumhangóchaidh a chroidhe sin fós, ní dual do bheith fial: raghaidh sé i sprionnlaitheacht: beidh croidhe bocht aige. Chumhanguigh an dá luing chogaidh ar a chéile, i dtreó a's ná raibh ach chúig céad slat eatartha: dhruideadar go dlúth lé chéile. Cumhanguigh ar na capaillibh (treabhtha) táid rófhada ó chéile, ciorrbhaidh ar an gcuibhreach: beir níos giorra dá chéile. Chumhangóchainn ar an mbiadh dá mbeadh a fhios agam go raibh sé chómh tearc: ní chaithfinn chómh rabairneach. Ar bhfagháil amach don lucht ceannais go raibh costas mór sa mhírdhéirc mar bhíodar ghá riar chumhanguigheadar uirthe a's bhaineadar anuas trian: luigheaduigheadar í.

cumhangas: *f.1.* caoile, sprionnlaitheacht, cinnteacht, doichte; coimhtheas, neamhdhlightheach ar chuid mhacánta dhuine eile; cur as. Ná corruigh as an dtigh seo, ní haon chumhangas orainn thu: cur isteach: cur as. Chaitheamair an baile d'fhágaint uatha, bhídís ag brughadh cumhangais orainn, ag gabháil trí ár gcuid talmhan, ag leigeant a n-ainmhidhthe orainn, ag toirmeasc linn ar gach cuma: ag cur isteach: ag canntáil rud nár leó. Sasana 'san Fhrainnc ag greán go bhfuil an Ghearmáin ag brughadh cumhangais ar mhionthíorthaibh lár Eóraipe: ghá dteanntughadh a's ag baint greama annso agus annsúd díobh: ag miotughadh ar a sealbhachas (sealbhachaistidhe, sealbhantas, sealbhantaisidhe). Cumhangas a chroidhe ná leigeann do dul chóisir ná caitheamh aimsire: sárshainnt chun greama do chongbháil ar a chuid.

cumhangarach: *f.1.* sníomh (tinneas); doichte; teannta, greim, ponc; duadh. Daoine thar dhaoinibh seadh iad, flúirse a's raidhse gan cumhangarach croidhe, tighe, ná bídh ag baint leó: coimeádtacht ar an rud a bhíos aca. Chuirfeadh sé cumhangarach ar do chroidhe dul isteach chúcha, aindeise clódh an tighe, gan fiú an áruis ann, ná plána i bhfuinneóig, gan fód teine aca ná blúire bídh do cuirfí uirthe: sníomh (ar an gcroidhe): a dhonacht san ná fuilngeófá a n-amharc. Ná corruigh-se as san, pé duine a chorróchaidh, nílir ag déanamh cumhangaraigh ar neach: ag brughadh, ag teanntughadh ná ag teacht sa tslighe ar aonne. Cuireadh na báillidhe ó thriúr ceathrar uaim, is me a bhí i gcumhangarach aca mar gan nád agam d'fhuasclóchadh me: i ndraip cheart: i dteannta ná féadfainn d'fhágaint. Bhí na Cómhachta Cómhair i gcumhangarach catha gen nGearmáin go dtáinig an tOileán Úr chun a dtárthála: i ngéarghádh: doichte aiste.

cumhangchroidheach: *a.* neamhfhial, neamhthais, neamhmothalach, gortach, cruinn (i gcaitheamh); neamhrabairneach. Thómhaisidís biadh an bhúird chughat táid chómh cumhangchroidheach san: easbhaidh féile. Fear níor shuidh riamh i mbun siopa budh chumhangchroidhthighe ná é, níor leig luach leathphingne riamh ar cáirde: gan aon "tabhairt amach": cruinn, beacht. D'impidh na daoine budh thábhachtaighe ar an

riaghaltas gan é do chrochadh, nár cumhangchroidheach iad nár thugadar aon chluas dóibh: gan motháilt, gan taise: daingean: dochorruighthe.

cumhangfhiaclach: *a.* fonnmhar. Imshníomh an domhain ortha ar fad chun na bpeictiúiridhe, ag brath orm fanacht i bhfeighil an tighe dóibh agus mise féin chómh cumhangfhiaclach leó chúcha: chómh fonnmhar.

cumhascughadh: *f.* (*-ighthe*) aistriughadh a's meascadh. "Cad é an cumhascughadh atá agat ar an ndigh ach í do scaoileadh amach as aon árus amháin?" – "tá sí an-árd; d'iarraidh an chubharáin do bhaint di": ghá cur ó árus go h-árus a's ghá suathadh.

cumhdach: *f.1.* clúdach; díon; cosaint; dídean; rud a cheileas rud eile; scáth; ceilt. Deireadh an marbhadh do chumhdach chómh cliste sin ná fuairtheas amach riamh cé dhein é: do chongbháil fé cheilt: deineadh cosaint ar eólas do leigeant amach. B'fhearr dhi cumhdach fir do bheith aice ná bheith 'n-a seanmhaighdin: dídean: cosaint is caomhnacht. In aimsir shuaidhte mar í seo cuireadh na críostaidhthe iad féin fé chumhdach Dé chun a gcoimeádta saor ó bhascadh: fé dhídean Dé: cosaint Dé: ar scáth Dé: ar thearmainn Dé. "Ná leath do bhrat ach mar is féidir leat a chumhdach" (seanfhocal): ná tabhair fé n-a n-iomad ar eagla go mbeadh an bhreis rómhaith dhuit. Riamh ó chuir a n-athracha troid as a chéile tá faladh dhá chumhdach aca gan aon mhaitheamhnachas ná maolughadh: dhá chothughadh: dhá coimeád beo i gcuimhne.

cumhra: *a.* taithneamhach, boladhthach, milis; úr, gleóidhte, bláthmhar. Cailín ciúin cumhra gur bh'aoibhinn leat bheith ag éisteacht lé n-a cómhrádh: milis-bhriathrach. Nách cumhra an cneas a chuir mo Dhia ort, geal, gléigeal, slíogtha: úr, taithneamhach: cuma na blátha air. Sucaidhe meisceóra ní cumhra leis fíon bán ná múnlach leanna duibhe, d'ólfadh chómh sásta é: blasta: sásamhach dá charball. Deoch chumhra seadh braon leanamhnachta: so-bhlasta: milisbhlasta. Lá cumhra ar an muir seadh é: lá gur bh'aoibhinn léd chroidhe bheith uirthe.

cumhracht: *b.3.* úire; boladh rud úr; loinne, sámhas. Níor theip riamh ar amhránaidhe maith ná ar cheól binn ná ar aoibhneas áite gan cumhracht do chur ar a chroidhe, budh mhór é a mhotháilt ar an áilne: lúthgháir: éirghe: gile: sárshástacht. An bhfaghair cumhracht na tuaithe an lá Earraigh seo: an boladh breágh, taithneamhach a bhíos ag éirghe a's fháiseannaibh. Chuaidh ím na hÉireann breis luacha lé n-a chumhracht: úire a's milse blasa.

cumhruighim: *b.a. 7 n-a.* mílsighim; sobhlastuighim; úruighim. Chuiris an iomad siúicre ar do chuid té, tá sé ró-chumhruighthe agat: ró-mhilis. Cumhruigheann bláthanna an seómra: scaipid boladh breágh 'n-a thímcheall. An t-airgead an buachaill, chumhróchadh sé aonnidh: mhaolóchadh nó leighisfeadh mórchuid greán.

cumraidheacht: *b.3.* deallramh; fíoghar. Toisc go raibh an solas ag cailleamhaint orm ní fhéadfainn a thabhairt chun cruinnis i gceart cad do chonnac ach gur samhladha éigin i gcumraidheacht an duine é: déanamh agus cuma. Choidhche ní bheidh sé i gcumraidheacht bheith 'n-a fhear chómh maith leat: i ndeallramh. "Tá sé i gceann na

Gearmáine go mbuaidhfeadh sí ar aon chómhacht aonair" – "tá sí i gcumraidheacht chuige sin": tá an uile chuma uirthe maidir le harmáil agus fearaibh.

cúmtha: *a.* tairngthe i gclódh, córach; ceapuighthe, deaghfhéachain; cuasach. "Méisín chúmtha, chámtha, a béal fúithe a's a tón anáirde" (seanrádh): méisín chuasach, bhíseach. Cúmtha as a cheann féin a bhfuil de scéaltaibh scríobhtha aige: ceapuighthe as a stuaim. Ná creid a mhalairt ná gur chúmtha an tigh Teach Laigheann lé n-a linn: deaghthógtha, maiseach. Géaga cúmtha, cómhartha nirt: déanta go líomhtha. Éist anois, ní chreidfinn focal eile uait, tá do dhóthain cúmtha agat dom: go leór éithigh scilligthe agat dom. Níl sé cúmtha fós an té go mbeadh eagla aige roimis: cruthnuighthe: tagtha ar an saoghal.

cúmthach: *a.* beartuightheach; tionnscnach; ceapuightheach; meabhruightheach. Riamh níor casadh orm duine is cúmthaighe ná é, ar luighe na súl bheadh leathscéal éigin aige, scéal tharais nó eachtra ná beadh pioc fíor di: gur fusa leis smaoineamh ar rud éigin a shaorfadh é nó ná raibh i dtreis in ao'chor.

cúmthacht: *b.3.* snastacht déanaimh nó críochnuighthe. B'aoibhinn éisteacht lé n-a chúmthacht cainnte, brigh, ciall a's deaghlabharthacht léi: buaidh aice a chuirfeadh binneas ar do chluais a's sástacht ar t'aigne. Gach súil sa tseómra dá hamharc go suimeamhail lé n-a cúmthacht: déanamh is imtheacht a pearsan. Bítí ag greán ar bhrógaibh na hÉireann ná raibh an chúmthacht ag baint leó a bhíodh le brógaibh tar lear, uime sin ní raibh an t-éileamh céadna ortha: déanamh slachtmhar.

cúnach: *f.1.* seanfhear feóidhte, caonach, arbhar, préamhacha aitinn nó craoibhe; pusachán gráineóige, luiche, franncaigh nó aon ainmhidhe a lonnóchadh i bhfalla nó i gclaidhe; lóchán. Faid a's bhí sé ar a theicheadh b'é leabaidh a bhíodh fé i scairt i gcumar iargcúlta. Cúnach craoibhe a's fionáin: gach aon tsaghas dríodair fáis. Leabaidh sheascair nár mhór do chapall a's ní cúnach: trufais mar tuighe bhriosc ag tuiteam as a chéile.

cunntas: [**cúnntas**] *f.1.* áireamh, cómhaireamh, bille, cur isteach bille; cur síos, trácht; son, tuairisc, tuarasgabháil, coingheall; fios; eólas. Chúbláil sé airgead leis an gcuallacht go raibh sé ag obair dóibh, cuadhthas amach air agus beireadh chun cunntais é os chómhair na dlighe: chun fhreagartha do thabhairt ann. Béarfaidh Dia chun cunntais sinn in ár bpeacaidhibh an lá déidheanach: tabharfaidh breith orainn ionta. Tugadh captaen na luinge báidhte chun cunntas mar gheall ar an slighe a chaill sé í: scrúduigheadh agus ceistigheadh é. B'ait an t-athair é an lá a chuir sé é féin i gcunntas lé pé fiacha a nascfadh an réic mic a bhí aige: a chur i dtreis bheith freagarthach ionta. Scéal ná duain ní cualathas uaidh ó chuaidh sé amach 'on Astráil, d'imthigh sé ó chunntas ar fad: gan aon tuairisc, dubh ná bán, air. Bhailigh cuid aca an oiread san ionmhas ag déanamh armála i rith an Chogaidh Mhóir go bhfuil sé ó chunntas ar fad: ní féidir é d'áireamh: na "leaga liatha". "Gach aon rud is toil liom", sin rud nách féidir liom, táim fé chunntas dhaoine eile go mbíonn a bhfaire orm: cosc: toirmeasc: turnamh. Ar a chumas ní raibh a thuilleadh déirce lé tabhairt, mar bhí sé fé chunntas: teóranta. Dhíol sé a chuid fiach liom fadó riamh, is fada as mo chunntas é: im leabhar cunntais. Caith as cunntas an púnt san: maith dhom é. "Cad tá agat orm anois?" – "ar mh'anam ná feadar go bhfuil sé imthighthe as cunntas orm": as mo chuimhne: dulta amugha orm. Ar chunntas go dtabharfá dhá

chéad púnt do, agus do thigh, mhalartóchadh sé a thigh féin leat: ar choingheall. Ar chunntas go gcuirfeadh sé comaoin ort bír an-mhór leis: ar son go. Téighir go dtís na Gárdaidhe agus cuirfid cunntas ar an té atá imthighthe ar fán: cuirfid lorg air. Cuir cunntas ar mhargadh an airgid: fiafruigh agus faigh eólas connus atá aige. B'fhearr liom gan tú do bheith chómh fiosrach, ag síorchur cunntais: ag cur tuairisce dhaoine agus a n-imtheachta gan adhbhar ar bith ach caoraidheacht. Beidh na tíortha móra i gcunntas lé chéile i dtaobh na Seice: ag cur agus ag cúiteamh: i dtreis lé chéile: gach ceann aca d'iarraidh a tuairmidhe do ghnóthughadh. Nílim-se lé cunntas in ao'chor duit: níl tor madra agam ort: freagrach i rud ar bith. Trí chunntas éigin eile seachas ceal fonn nár ghlac sé an tairsgint: mar gheall ar chúis eile. Tríd chunntas-sa chuirfinn mo cheann ar an mbloc: ar do shon dílis-se. Gan aon chunntas cá rabhas ag gabháil ná cá raibh mo chosa ghom bhreith bhuaileas isteach i bprochlais na mbitheamhnach: gan eólas. Cuirtear cunntas amach ameasc na ndaoine go mbeidh cruinniughadh feirmeóiridhe ann: tuairisc. Caitheann sé airgead gan chunntas: ar nós na gainimhe. I gcunntas Dé tabhair rud don ocrach: ar son. Nuair cloistear rud a chuireas iongtas orainn, deirtear, "i gcunntas!". "I gcunntas na ngrás!", "i gcunntas an tsaoghail". "Ní bhfaghaidh siad mo rún-sa ar an gcunntas is dóigh leó": chómh neamhdhuabhaiseamhail agus tuigtear dóibh. Deineadh cill tuathail den áit go rabhadar uile ag gabháil ar a chéile gan chunntas: gan fios cad bhí ar siubhal aca. Tabhair cunntas cruinn dom ar cad thárlaidh, gan lúb isteach ná lúb amach, gan chor gan chlaon: tuarasgabháil díreach mar thárlaidh. Cad é do chunntas, a dhuine chóir?: áireamh airgid. Na cunntaisidhe go léir a bhíos uait: a fhiosraighe agus táir. Fear mór cunntaisidhe: go mbíonn cur amach aige agus eólas ar chúrsaidhibh an tsaoghail. Baint gnótha ná cúirim (cúraim) níl ag neach eile leis, tá sé ar a chunntas féin: ag déanamh do féin. Socróchad-sa cunntas leat-sa lá éigin, ná tuigtear duit go mbéarfair do chosa uaim: tásdálfad sásamh do bhaint díot. "Cunntas glan fágann cáirde buidheach" (seanfhocal): daoine ná bíonn faic amuigh aca ar a chéile is dóichighe iad do bheith muinnteardha.

cunsachán: *f.1.* sprionnlóir; aon rud a fhásas (ná cuirtear) go fánach. Ní bhfaghfá ann ach cunsachán craoibhe: scaipighthe, fánach. Is annsa leis an gcunsachán (connsachán) a chnuasach ná a bheatha: sprionnlóir: duine a bhíos go maith as agus a mhaireas go cumhang, caol. Cunsachán ná feicfeadh a chroidhe dá mbeadh sé ar a bhais aige: duine sanntach, cíocrach, neamhchaithteach.

cupa: *f.4.* árus beag lé n'ól as. Féach! an cupa (cupán) srón air: srón go mbíonn geannc mhór ós cionn na cuininne.

cúpla: *f.4.* dís; feighre; eamhain; ádhbhar beag; beagán; dhá chuaille nasctha lé chéile i ndrom tighe agus a gcosa ar na fallaidhibh – cuplaidhe: frathacha tighe. Go raibh clann 'n-a gcúplaidhibh agaibh!: rath clainne oraibh. Leathchúpla seadh me: duine de dhís a saoghaluigheadh ar aon bhreith. Briseadh leathchúpla ar an dtigh: cleith (cleath) amháin a bhí ag dul lé n-a céile. Cúpla seadh an dá rud d'aon chineál amháin a théigheas le chéile. Cúpla maith, bail ó Dhia ortha, seadh Seán a's Máire: fear a's a bhean. An uile ghlúin daoine againn thángamair ó aon chúpla amháin bunaidh: ó fhear agus mnaoi amháin. "An bhfuil breac agat" – "tá cúpla": dís.

cur: *f.* (*-tha*) (*iol.* curthaidhe) adhlacadh; leagadh in úir nó i gcré, mar síol; d'fholach i dtalamh; ughdarás; cómhacht; ag déanamh seaca, drúchta, sneachtaidh, báistighe (go mórmhór); bád nó cúrsa i dtógáil; sraith; ciseal. Ag cur fola gur imthigh an t-anam as: ag tabhairt. Chaith sé an oidhche ag cur. Tá gach aon áit báidhte indiu: ag báisteach. Aon lá a theasdóchaidh mo chabhair uait, bead leat, táim ar do chur: ar t'fhiafraighe. Tabhairt an bháid ar iasacht níl ar mo chur mar ná fuil agam ach a trian: cómacht agam chuige. Is iomdha san maith do dhein sé, mar bhí airgead ar a chur aige chuige: ar a thoil lé dáileadh mar is mian leis. Bíonn an duine spleádhach ar chur gach aonne: fé bhuannacht: cómhacht air. Cur iongtach seadh cruithneacht bliadhain the: fás: toradh. Ghom chur i dtalamh lé náire bhí sé leis na béasaibh tuathalach tímcheall an bhídh: shaoileas go sloigfeadh an talamh me lé náire. Cad tá ag cur ort ná fanfá socair: ag déanamh mearbhaill duit. Cur éigin do dheinis air ná labhrann sé leat: buaidhreamh nó giobadh: crádh nó ciapadh, clipeadh nó céasadh. Ag cur gach aonnidh orm-sa a déintear as an slighe: milleánughadh. Ag cur air cun bruighne: ag brughadh achrainn air. Mara mbeadh é do sheirbheáil bheadh sé ag cur díolta na bhfiach ar cáirde ó ló go ló d'iarraidh na gcos do bhreith leis: ag cur lae an chunntais ar an méir fhada: ó athlá go hathlá. An rud is mó atá ghom chur ar gcúl ag scríobh ist oidhche ná drochsholas: ghom mhoilliughadh. Cur ar aghaidh don ngáirdín a dhóthain leasuighthe: feabhas chun fásta a's maitheasa. Ní cur ar aghaidh tu ach cur siar, mar ná fuil aon tairbhe ionat: olcas in ionad feabhasa. Cur amach iongtach duit me d'fhagháil san áit iargcúlta so gan eólas ná taithighe: nochtadh: fionnachtain: cuardach éirightheach: taighdeadh. Threóruigh an t-eólaidhe iad trí cheanntaraibh anaithnid dóibh, do bhí cur amach aige ar an ndúthaigh: eólas a's fios na dúthaighe. "Faid is bheidh fonn cur amach air", ars an dochtúir, "ní raghaidh aon tsocrughadh ar a ghoile": úirleacan: aiseag bídh. "A dó a's a dó atáid i ngaol", sin é an cur isteach ceart: an t-áireamh. Caithfead aistriughadh, ní thugaid sos lae ná oidhche dhom ach ag síor-chur isteach orm: ag déanamh coimhthis orm: ghom ghriogadh. An ag cur suas den áit ataoi tréis é do cheannach? caithfir claoidhe léd mhargadh: ag diúltughadh dhe. A chroidhe dhíchill do dhein sé d'iarraidh an tighe do chur suas orm: éirghe as a mhargadh a's gan aon éileamh d'fhanacht air tríd. D'éirigheadar tuirseach dá chéile, ní rabhadar oireamhnach riamh dá chéile, b'éigean dóibh cur suas dá chéile: éirghe béal na gclár as aon bhaint do bheith aca lé chéile: níor bhroiceadar níos sia lé chéile. Is beag an cur suas a iarrfadh súd, droichghéag seadh é, chun dul in achrann lé neach ar bith: an gríosadh. Cheannóchainn tigh cómhnaidhthe dhom féin dá mbeadh an cur leis agam: an cóngnamh: an cumas. An cur leis a fuair sé do chuir ar a chumas na fiacha d'fhág a athair air d'íoc: teannta: cabhair. Níl an méid seo in aon tánaiste dod dhóthain; an bhfuil cur leis agat?: a thuilleadh a shlánóchadh an t-iomlán. Dá mbeidhfeá ag cur asat go ngeóbhadh an mhuir adtuaidh níl aon tor agam-sa ar do ghothaidhibh bagartha: ag cainnt gan stad: ritheadh seama bagarthach. B'fhada gur chorruigh sé d'aindeóin an cheistiúcháin, tá sé ag cur as sa deireadh: ag scríocadh: ag géilleadh. Stad de bheith ag cainnt a's me ag léigheamh, ná bí ag cur as dom: ghom chur amugha. Crainn ubhall ná fuil aon chur as aca: péacadh. Á, creid me leis go rabhas ag cur uaim nuair éirigh an t-ainmhidhe gránda, arrachtach lé hais an bháid bhig, an uile ruibe ghruaige 'n-a cheilg-sheasamh orm: sceimhle an anama orm. In ainm Dé, duine mín, macánta seadh me, ná bí ag cur fúm: ná bí ag séideadh fúm: ghom ghríosadh chun ruda nách maith liom. An ag cur fúibh annsan atá sibh? gluaisidh, tá aistear fada rómhaibh: ag sos. Cad é an tigh ósda go mbíonn cur fút ort nuair thugair turas ar an bpríomhchathair: go bhfanair ann.

Aon fhonn stada níl ar an ngreathalánaidhe seo, ag cur fé atá sé: ghá chóiriughadh féin i gceart chun oibre. Cé go raibh an ré ag cur uaithe bhí an oidhche modardhorcha, mar bhí an spéir salach: ag lonnradh. Falla ná fuil árd a dhóthain gan dhá chur eile cloch ar a luighead seadh é: clúdach: bád: cúrsa. Tháinig an chéad chur amach den leabhar anuiridh; díoladh gach cóip de. Caithfear cur amach eile do dhéanamh, ar an éileamh atá air: eagar. A thúisce a's tairngeadh do ionad cléirigh bhí sé ar sciobaigh chuige, a's ní raibh an dara cur suas aige dho: ghlac sé go fonnmhar é. "Connus tá an saoghal agat an aimsir dhubhluachair seo?" – "ag cur díom": ag strácáil: d'iarraidh maireachtaint mar is féidir liom. Níl puinn eile moille anois orm, bead ag cur díom, ní fiú dhuit gan fanacht liom: ag gluaiseacht. Bí ag cur ins na cosaibh má tá cion ar t'anam agat, mar má beirtear ort, ní chuirfinn leathphingne i gcumha do bheatha: scrios! ná fásadh aon fhéar féd chosaibh. D'fhágas gach aon leabhar aca san in órd a's ná beadh agam ach mo lámh do shíneadh chun aon chinn aca a theastóchadh, ní bhfaghaim thall ná abhfus iad leis an gcur trí chéile atá fachta: caitheamh i ngabhal a chéile gan riar ná cóiriughadh: meascadh. Níor bh'fiú trí leathphingnidhe ruadh thu tréis an cur trí chéile do deineadh ort, níor fágadh thíos ná thuas ort é: trácht cáinteach. Mar bheadh an nimh ar an aithne anois do bhíomair ghod cur trí chéile: ag cainnt ort. Aithnighim ar an gcuma shuaidhte atá ort go bhfuil cur trí chéile aigne ort: buaireamh: míoshuaimhneas. Deineadh cur trí chéile ar na tuicéadaidhibh go léir sar ar tairngeadh iad as "mála an éithigh": meascadh. Dá mbeadh cur in aghaidh agam lé n-a theacht 'n-ár measc déarfainn ná teastuigheann sé uaim: col. Tá cur i gcoinnibh éigin aige dhuit ná fanfadh sé in aon chuid go mbeidhfeá: míothaithneamh: ceal gabháil le. Cur i dtreis orm atá fonn ort, bheith d'iarraidh mo mheallta chun bheith rannpháirteach id cham(a)bheartaibh: breith id líon orm. Faic na ngrást níl 'n-a choinnibh agam, gan locht, gan chúis, aon rud i gcur i leith leis: a chúisiughadh: a chur mar choir air. Beidh cur ó dheas ag an simné sin, mara bhféachtar chuige, tá cor cheana féin ann: leagadh sa treó san. Loirg leat ameasc an éadaigh go bhfaghair do thriubhas, bí ag cur thart: ag iompódh: ag tógaint 'sag cur i leathtaoibh. Aire don seanghluaisteán san, ní deacair cur chuige: is furaiste a dhíobháil: somháchaileach. Sin é cur síos ar Mheirice is breághtha chuala riamh – d'innsis go soiléir dom saoghal na ndaoine a's clódh na tíre: cunntas ceart, iomlán. Ní ag cur síos air é ach an fhírinne ghlan: tromaidheacht: cumadh: ag innsin rud míothaithneamhach nó ná raibh fírinneach. Budh dhiaill an cur roimis do tigh mór mar é sin do thógaint gan luid airgid aige: eitim ruda do dhéanamh. "Choidhche ní shnámhfá an bealach leathan san" – "cuirfead rómham é ach go háirighthe, bádhadh nó éirghe liom": tásdálfad é. Talamh atá bán leis na ciantaibh seadh é, níl cur ná baint air: imtheacht 'n-a fhásaigh. Leig thart mise, fiafruighim díot cad é an cur chugham atá agat ná ort: cúis tagartha: ag buaidhreamh mo shuaimhnis. Sár-fhear ar Ghaedhling seadh é, níl aonne ionchurtha leis: is féidir do chur i gcomóras leis. Ag cur líonta fionnraighe fé bhrághaid bradán: ghá síneadh san uisce, a's ghá gcur ar anncaire.

curachán: *f.1.* bád beag go ndéanamh nadhbhóige go gclúdach seiche no anairte. Gan bád gan curachán: gan aon tsaghas "áruis mara".

curadh: *f.1.* (*iol.* curaidhe) laoch, scál; ruire. Cé hé curadh na dóirneála anois?: an té go mbíonn an chraobh aige. Curaidhe fear go mbeadh scáinteacht ar aon dream dá fheabhas dul i dtreis leó: fir thréana, acfuinneacha, lúthmhara.

curadóir: *f.3.* duine a bhíos ag saothrughadh na talmhan. Ní gnáthach fear farraige ’n-a churadóir mhaith: droichfheirmeóir do dhéanfadh sé.

curadóireacht: *b.3.* saothrughadh na cré; cur a’s baint; barraidhe i gcoitchinne. Mheath an churadóireacht le holcas na bliadhna: theip na barraidhe. Curadóireacht cheart toradh maith: dréir mar cuirtear seadh baintear.

cúram: *f.1.* (*iol.* cúirimidhe) gnóth, aire, baint, feighil; adhmanas; muirearaighe, práinn; muirear agus a leanas é. Fágadh cúram an tighe fé agus is air dob fhearr a dhíol: sé nár thug faillighe in aon rud: aire: feighil: freagarthacht. Duine gan gnóth gan chúram ach a dhrom ’sa bholg é sin: duine ná bíonn aon rud lé déanamh aige ná aon rud ag cur mairge air. Ní lé méid do chúirm ná scríobhfá abhaile: ní broid gnótha atá ort ach leisce nó neamhshuim. B’fhearr dhuit cúram éigin eile do tharrac ort: an rud atá dhá dhéanamh agat i láthair na huaire ní maith é nó táir ag déanamh toirmisc do dhuine éigin. Dhéanfadh aonne ár gcúram annso anois: cad dob áil linn annso? ní haon tairbhe dhúinn bheith annso ná gnóth againn ann. Creid me leis go bhfuil a chúram déanta, tá sé ag foghluim an bháis: deireadh leis. Mórán daoine adeir go bhfuil cúram Shasana déanta ar an slighe atá sí ag fulang easonóra agus achmhusán: tá a cómhacht ’sa réim ag silleadh. Nuair chídhtear fuirse a’s fothraga oibre ar dhuine nó cloistear breas bheith le déanamh, éightear, “is mór an cúram leath”: is mó go léir an fuadar a’s an t-imtheacht é. “Cad tá ort anois?” – “cúram liom féin ná baineann lé neach eile”: gnóth rúin, deiscréideach. Ar bhfeicsint duine go mbíonn locht doileighiste air, tinneas trom, iomard gáibhtheach, a chuireas duadh neamhghádhtrach cainnte nó cur isteach ar dhaoinibh eile gan chúis, deirtear, “tá cúram orm”: ní measa dho rud gan buidheachas ná é. Cúram tuaighe adhmad do scoltadh: an gnóth a bhíos di. Deirtear lé duine go mbíonn gnóth a’s obair ghá dhalladh amach, ná féadann teacht ar na nidhthibh ar fad nó lé duine a bheadh anghreithileánach, “tá seacht gcuirmidhe an tsléibhe” air: níl uain sosa aige. B’fhada gur thug aonne aon tor (toradh) orm sa tsiopa, bhí seacht gcúirmidhe an tsléibhe ar a raibh de chabhair ann: an-ghnóthach ar fad. Déin do chúram féin, a dhuine, a’s leig dom chúram a’s dom-sa: glac tharat me: ná bac liom. An bhfuil aon chúram ort ach mar sin? ná déanfá rud éigin a’s gan bheith díomhaoin nó ag gabháil de rud éigin neamhthairbheach, míchéadfadhach. Déintear cúram mór sa tigh sin: díoltar mórán earraidhe ann, mórán gnótha. Gan cúram do chur air is é fear is ceannsa ar an dtalamh é: gnóth nó teachtaireacht: rud lé déanamh. Connus atá do chúram sa bhaile?: do líon tighe. Cuireadh an long fé n-a chúram: í do stiúradh agus ar bhain léi idir fhuirinn a’s thaistealach do riar. Ó chúram go cúram: gan aon lagadh ach ag déanamh ruda éigin do shíor. Deabhadh maith do dheineamair d’fhonn cúram an lae do chur dinn, bhíomair clipighthe aige lé n-a fhaid: do bheith réidh leis. D’iarraidh cúirm an bhréigairgid do chur de ar earraidhibh do bhí sé nuair rugadh air: a chur as a sheilbh. Chuadhamair i bhfolach uaidh chun ná beadh sé ’n-ár bhfochair, an t-aon chao ar a chúram do chur dínn: a scaradh lé n-ár gcuideachtain. Níl de chúram air ach an oiread lé “bacach a chaithfeadh a mhála dhe”: díomhaoin glan. Is neamhchúram dom bheith ag teannadh bídh lé dream gan bhuidheachas: neamhaistearach: ag déanamh tairbhe go hamadántamhail. Is maith an cúram d’aonne aire do thabhairt dá ghnóth féin: a dhóthain lé déanamh. Cad é an chúram a bhíos dá theangain ag duine ach chun é féin do chur in iúil. “Tabhair a thuilleadh dom” – “gread! tá déanamh do chúirm agat”: déanamh do ghnótha: oiread agus tá ag teastáil uait. Gheóbhadh duine cúram gach aon lá: rud lé

déanamh. Roinneadh amach an biadh ar a raibh im thímcheall-sa, ní raibh aithne ná coidreamh ag aonne orm, a rian air ní raibh neach i gcúram greama do thabhairt dom: i mbun: i bhfeighil: do chur duaidh air féin. Táid an-cheanamhail ar a chéile, táid i gcúram go mór: bíd ag tabhairt áirde ar a chéile: go haireach do thairbhe a chéile. An fhuirse oibre a's gnóth, an rith thall san teacht abhfus, an greithileán gan sos – níl a chúram ar aonne!: cá bhfuil an té is gnóthaighe? Mo chlann tógtha anois agam, níl a gcúram ar aonne: ag brath ar neach chun a gcothuighthe. D'éirigh ósbairt don mbád nuair bhuail sí ar an gcarraig, tá sí ó chúram anois: gan tairbhe: níl intseólta feasda. Má leanair-se ar na feádhannaibh atá fút a's gan aire do thabhairt don ngnóth a chuireas ort, cuirfead ó chúram thu: brisfead thu. Le cúram anthábhachtach d'fhágadh sé an chathair chómh hobann agus é teasdáil annso go cruaidh: broid ghéibhinn nár bhfuláir do dul 'n-a fheighil. Mo chúram féin roim chúram aonne eile: dul i mbun mo mhaitheasa féin ar dtúis. Ní beag di mar chúram éadach do choimeád ar a clainn: a dóthain mór le déanamh aice. Tóg an corcán den dteine nó múchfaidh sé í, tá sé ag cur amach: ag scéitheachtaint: an t-uisce ag éalódh dá fhaobhar. "An raghfá go Tráighlí ar teachtaireacht dom?" – "budh bheag liom mar chúram é" (searbhas): nidh nách iongadh! b'fhada mar phaiste orm é: níl aon dul air. Riamh ní rabhais chun do dhóthain cúirm, mar taoi anois: féach an bóthar fada áta rómhat ar ghiorracht aimsire: do dhóthain d'ughaim thairric ort: gníomh rómhat nách furaiste dhuit gabháil tríd.

cúramach: *a.* aireach, gnóthach, críochnamhail, tairbheach. Ar eagla go stroillfeadh a chosa uaidh dubhart leis bheith cúramach gan aonnidh do dhéanamh gan machtnamh roim ré: aireach; imshníomhach. Rud leóchaileach seadh an leónadh, bí cúramach ar eagla tinnis: aireach: iondrabháil go mín, cliste an áit thinn. Budh neamhchúramach an gnóth dhuit cóip den leabhar do cheannach a's dhá cheann cheana agat: gnóth gan chall ná ciall leis: fastaodhamach. "Tair ag obair ar feadh seachtmhaine chugham" – "ar thuarasdal?" – "in aisce" – "is neamhchúramach do bheinn!": bheinn andhíomhaoin, anthoilteanach, rud ná fuilim. Budh neamhchúramach an rud do dheinis, mo leitreacha do bhreith chugham (nár theastuigh uaim): ní raibh aonne ghá iarraidh ort. Scrígh sé chugham ghá rádh liom go raibh aithreachas a chroidhe air ná féadfadh sé do bheith i sochraid mo dhreathár, nár chúramach san uaidh?: smaointeach. Sid é a bhí go cúramach id thaobh faid bhís sa chogadh, ón nóimint go dtín uair eagla air go gcloisfí tuairisc do bháis: imshníomhach. An dá thráth is cúramaighe ar an bhfeirmeóir, earrach is fóghmhar: is gnóthaighe. Ceaca díbh gur cúramaighe bhur n-úncail leis?: ceaca agaibh is mó cion air. Líon chughat féin ar dtúis, is cúramaighe dhuit tú féin ná aonne eile: is measa dhuit: is cirte dhuit do thairbhe féin.

cúramaighe: *a.* aireacht, muirearaighe, tosach ar an uireasbhaidh lé soláthar, críochnamhlacht. Aon dearmhad ní dhéanfaidh súd má néann cúramaighe do é: aire cnúisciúin. Ó, a dhuine is iongtach san aon rud d'éirghe dho agus a chúramaighe a's bhíonn sé, budh dhóigh leat go gcuirfeadh sé cosa fé chearcaibh duit! Díreach, mar déarfá, "bíodh sé mar sin", bíonn gach rud réidh aige ar an nóimint lé cúramaighe an duine: sprioc: aire, dícheall agus claoidhe lé n-a ghnóth. A chúramaighe agus táim indiu i mbun an tsiopa so ní fhéadfainn dul fén dtuaith: go gnóthach.

cúrsa: *f.4.* réim beatha, nidh (áirighthe); lorg; rian gluaiseachta; bealach; talamh nó uisce go rithtear rás air; cuma órduightheach; an t-alt nó an t-órd go leanann teagmhas teagmhas eile; sraith go mbíonn cómhgas nó cuibhreach ge nidhthibh lé chéile innte, módh beatha; faid beatha; an tómhas mias do cuirtear ar bórd d'aon iarracht; turas; tímcheall; cor (mar bhíonn i dtéid); bádh nó cur (aonair) i dtógáil; an ciorrbhadh seóil a's a shnaidhmeadh mar déantar i ngála chun a luigheaduighthe; iarracht (taom, etc.), uain, cúis nó adhbhar. Thraoch na cuite an girrfhiadh i bhfaid an chúrsa tréis árdghreasa reatha: a lorg do ritheadar: an méid talmhan do chuireadar díobh. Ó mhoch na maidne bhí súil aca liom agus iad ag feitheamh, thána i gcúrsa an lae: am éigin isteach sa lá. I gcúrsa mo bheatha, agus is iomdha áit siubhalta agam, agus iongtas feiscighthe agam, is tú an bleaigeárd is toghtha a bhuail riamh liom: ar feadh mo shaoghail a's m'imtheachta. I gcúrsa na haimsire, dá fheabhas do bhí an Ghearmáin, claoidheadh í 'e cheal bídh: i bhfaid na haimsire. I gcúrsa na cainnte agus an áitimh chuthaigh dhóibh, shín fear an éilimh chun fear an diúlta páipéar go raibh rud éigin scríobhtha air, a chuir creithniughadh (crithniughadh) ar eisean: i rith an agallaimh tréis tamaill mhaith. Fuair Seán táille as a shaothair, i gcúrsa Shéamais de, níor héistigheadh in ao'chor leis: maidir lé: chómh fada lé, 'n-a chuid sin de. Thabharfadh sé aon rud ar cáirde dhuit ach i gcúrsa airgid, eiteach: ar ócáid airgid: i gcás, dála, i dtaobh airgid. Deacair duit-se milleán do bheith agat ar an ndligheadóir sin, id chúrsa féin ghní sé go galánta dhuit: id chúis: id ghnóth. Budh dhóigh liom gurbh é do chúrsa-sa an biadh d'ullamhughadh, ós mise a sholáthruigheas é agus go mbíonn de chion agus do cheart agat de: do ghnóth: an rud gur cheart duit a fhreatháilt mar dhualgas: cúram dlistinneach, ceangaltach. "Tabhair aire don anam, ach go háirighthe" – "sin é mo chúrsa-sa, a anam féin ar ghualainn gach nduine, beireadh leis nó fágadh": sin é mo dhualgas nó mo chúram féin fé leith. Nuair buaileadh an doras i mí mhairbh na hoidhche tuigeadh dom ar a thap go raibh cúrsa i dtreis ar dhuine éigin: rud géibhinneach. "God é mar taoi? níl aon droichdheallramh" – "níl cúrsaidhe greáin agam": cúis ná adhbhar; go maith. Tá aithreachas air anois gur dhíol sé leath a thuicéid agus a chúrsaidhe aige, mar bhuaidh a chapall: cúis mhaith. Bí-se ag gáiridhe fúm más maith leat, ach ní h-aon chúrsaidhe magaidh dómh-sa mo bhean bheith in earrad liom: ní toisc sheafóideach, mhíothábhachtach í. Cúrsaidhe an tsaoghail atá ag briseadh a chroidhe a's a shláinte (magadh): scannruightheacht chun mhaireachtainte a's gan gádh leis. An fada gur léighis aon pháipéar an bhféadfá dh'innsint dom connus tá cúrsa an tsaoghail?: nidhthe ag tárlachtaint lasmuigh. Beidh cúrsaidhe guil agat má théighir chun cúrsa dlighe mar ná fuil cóir ná ceart ar do thaobh: is aithreachas duit dul i dtreis na dlighe chun sásaimh do bhaint amach. Ag lorg airgid orm-sa a's me chómh dealbh le croidhe do dheárnan! más cúrsa mar sin é, is baoghalach go mbeidh thiar ort: más amhlaidh mar tá. An chéad lá do thána 'on Daingean agus an filleadh beag orm, bhíos im chúrsaidhibh caoraidheachta ag cuid des na daoinibh agus im chúrsaidhibh gáiridhe ag cuid eile aca: fáth fiosrachta is gáiridhe. Téigheann a cúrsaidhe ban go dian uirthe: laighdeanna: gabhalshruth. Tá an bhean breóidhte lé cúrsaidhe clainne: breith clainne. Ar a cúrsa aniar go Sasana bhí an Liúseatéinia nuair shúngcáil lachlong í: ar a slighe dualgais. Ar mo chúrsa dhom bhuaileas isteach chúca: a's me ag taisdeal sa treó san. Fuair an fear fartha ar a chúrsa i lár na hoidhche taisceadán na hoifige réabtha ag sladaidhe: ag gabháil tímcheall mar bhí de dhualgas air. Beidh dhá chúrsa iomrascála ann agus trí cúrsaidhe dóirneála: greasanna: babhtaidhe. Cúrsa rófhada do chapall lag seadh cheithre mhíle: lorg: faid reatha. Is an-eaglach liom é, níl aon chuma air ach go bhfuil a

chúrsa tugtha: a shaoghal istigh. Dar lé lucht eólais agus breithnightheóiridhe tuigseanacha go bhfuil cúrsa Shasana tugtha: a réim 'sa cómhacht ag dul ar gcúl. B'ait go léir an cúrsa é, níor bh'féidir liom a thuigsint fáth gur ídigh an fear san é féin agus dréir mar is eól, gan buaidhreamh ná ceal sa tsaoghal air: teagmhas: an rud do thárlachtaint é. Ní tháinig sé treasna riamh orm in aon chúrsa ná go bhfuaireas 'n-a fhear ghalánta, chreideamhnach é: ar aon ócáid. Níor theastuigh aonne uatha 'n-a dtímcheall toisc cúrsaidhe cleamhnais do bheith ar siubhal aca: nidhthe a bhaineas lé déanamh cleamhnais. Caithfidh sé cúrsa oileamhna do chur isteach i Scoil na gCeárd sara mbíonn saoirseacht adhmaid foghlumtha aige chun a múinte: seal go múinfear do an ealadha uidh ar n-uidh. Dá mhéid seasamh agus cos i dteannta a bhí aige d'iarraidh gan dul leis na gárdaidhibh b'éigean do géilleadh i ndeireadh an chúrsa thiar: fé dheóidh: i ndeireadh dála. D'imthigh an long as a cúrsa mar bhí an captaen ar a eolas: as an lorg a bhí sínte amach di chun a triall do shroichstint. Ghaibh sé trí chúrsaidhibh an domhain, fiacha, dochar a's breóidhteacht a's a rian air is é tá go dearóil anois: rug céimeanna cruadha air. Teipeadh orainn airgead d'fhagháil uaidh lé n-a iarraidh, beidh cúrsa eile againn chuige – bagairt: slighe eile: triall eile. Téada móra ronna go raibh na fichididhe cúrsa casta go dlúth ar a chéile a bhí ar anncaire na luinge: cur: duail: iornaidhe: coda. D'órduigh an captaen trí cúrsaidhe do chur isteach i mbun an tseóil mhóir, go raibh an bád dhá mhúchadh: cuir: bailiughadh ciorradhtha an tseóil le snaidhmeannaibh. Cúrsa rófhada seadh é, éirighidh as, an iomad argóna atá déanta cheana féin air: scéal go bhfuil sians déanta air a's gur mithid a chríochnughadh. Bíodh leat an cúrsa so ach dein airís faic as an slighe a's beidh malairt ceoíl agat: an turus-so: de chion na huaire seo. Is dona tá do shláinte, ach ort féin bíodh an milleán agat, thugais a chúrsaidhe dhuit féin: thugais cúiseanna easláinte dhuit féin, neamhaire, fliuchán, etc. "Níor mhór dos na fallaidhibh dhá chúrsa eile ar aoirde ar a luighead, beidh an lochta róiseal: bádh nó clúdach cloch mórdtímcheall ar fad. Tá an cúrsa san tugtha isteach agat: áit éigin i gcian go rabhais agus táir tréis fillte thar n-ais.

cúrsáil: *b.3.* "boghaisínidhe", imtheacht thall 'sabhfus; guairneán tímcheall ruda; ag tabhairt bhóithre isteach d'iarraidh teacht ar rud éigin. Cuir uait an chúrsáil tímcheall ó sheómra go seómra nó cad tá uait? Cúrsáil in aistear dom dob eadh bheith ag cuardach shráideann an Daingin díot, mar ná rabhais ann: siubhlóid ó bhall go ball. Rinne sé mórán cúrsáil d'iarraidh teacht ar thaobh na gaoithe dhíom, go ndéanfainn muinnteardhas leis: d'oibrigh sé cúinsidhe agus thásdáil gach slighe ar a chumas. D'aithnigheas ar an gcúrsáil a bhí aige tímcheall mo phóca gurb é fonn a shladta a bhí air: bruachaireacht: dul 'n-a chóir: geámaidhe amhrasacha aige 'n-a aice. Bhainis cúrsáil an lae asam ar do lorg a's ná faghainn amharc súl in aon treó ort: siubhlóid chuardaigh. In ionad freagra do thabhairt orm ar an nidh d'fhiafruigheas de is amhlaidh do chrom sé ar cúrsáil cainnte ná raibh baint ar bith aige leis an nidh a bhí eadrainn: cainnt éaluightheach, sheachantach.

cúrsálaidhe: *f.4.* duine ná faghfá chun do shásta, a bheadh seachantach, aireach gan é féin do chur i dtreis ná rud deimhnightheach, cinnte do dhéanamh. An saoghal mór ní thairngeóchadh abhaile ó shráideannaibh bhaile mhóir é, é 'n-a chúrsálaidhe ó chuideachtain go cuideachtain: ag dul 'n-a measc ag tnúth leo. Cúrsálaidhe ná féadfá aon iontaoibh do bheith agat as go mbíonn na mílte feádhann a's bóthar 'n-a innchin: duine

clamparach ná féadfá deimhin do dhéanamh d'aon rud a déarfadh sé ná a gheallfadh sé: duine lé seachaint.

curtha: Ní bheidh fear do churtha i láthair do bháis: gheóbhair bás olc.

cuspa: *f.4.* rud nó duine lé tábhacht. Maran tú an cuspa agam chun bheith ag déanamh aithrise ort!: duine gur fiú rud éigin é.

cuthach: *f.1.* buile; dásacht; fearg; buinne. Cuireann sé cuthach air go mbíonn ag éirghe lé n-a chómharsanaibh – budh dhóigh leat gur díobháil do féin é: buile nó dásacht. Cuir cuthach (cuthag) ort féin chuige agus maolóchaidh sé: bí i ndáiríribh agus cuma na feirge ort. Tháinig cuthach air nuair theip air, ná feadair sé cad budh cheart dho do dhéanamh lé díombáidh: d'éirigh sé chun stráin: droichmhianach. Lé dúil sa chuil bhí cuthag ar an mbreac ag tabhairt fén mbaoidhte: guilm: dásacht guilme. Ní choiscfeadh aon rud an t-iasc ar dhul 'on líon, bhí an oiread san cuthaigh air: fonn diabhalta i ndiaidh na beatha go raibh ar a tóir. Ní fonn atá air sin chun an tsaoghail ach cuthach ceart: a chiall caillte aige lé saoghaltacht. Bhuail sé le cuthach me: go dásachtach. Cuir díot an cuthach!: beir fada air! Geallaim dhuit ná fuil puinn den ruthag ann, gur furaiste cuthach do chur air: é do chur lé gealaigh: an droichmhianach do mhúscailt ann. Biadh cuthach do gheibheann sé agus a rian air. Tabhair fé ndeara an bláthas a's an neart atá ann: biadh scabhárdach, bríoghmhar. Fir chuthaigh dob eadh an dream do chídhinn ag baint na coille i gcorp sneachtaidh a's seaca: fir thréana, bhuachacha. "Connus bhrathair an aimsir seo?" – "go cuthaigh!": ar fheabhas.

cúthail: *a.* iargcúlta, as an slighe; dorcha, rúnda; scáinteach, scáthmhar; umhaluighthe; tostmhar, áiseamhail lé fagháil. Áit chúthail a oirfeadh don duine bhreóidhte seo, ná beadh aonne chuige ná uaidh ghá shuathadh: áit leis féin gan siubhal neach air. Níl aon bhaoghal ná gur cúthail an áit gur fhágais do ghluaisteán, i lár an bhóthair! (searbhas): a lithéid d'áit gan deallramh. Bhíodh a ghunna i bpóca cúthail aige chun a thairrice lé linn gádhtair: áit gur bhfuraiste síneadh chuige. Dá chúthaile bheir gan focal gan cor asat seadh is lugha tabharfar fé ndeara thu: ciúin: neamhfhosaoideach. Dein do ghnóth go cúthail; má tugtar fé ndeara thu, raghaidh bunóscionn ort: go haireach, gan bóibéis, gan blomhas. Deas, cúthail lé láimh!: go réidh, socair. Ní bheadh a fhios agat ann nó as í, bean chúthail seadh í: náireach ar í féin do chur in iúil. An té ná bíonn cumas aige is gnáthach é cúthail: maol. Tamall dá shaoghal budh mhór é a réim a's a éirghe anáirde dá réir, ach dhein an bhochtanacht cúthail é: d'umhaluigh sí é. Gan choinne ar bith ag neach leis, nách cúthail do bhuaidh sé an cluiche sin: shaothruigh sé gan súil aonne leis ná eagla roimis. Ós chómhair an mháighistir mhalluighthe bíonn na scoláiridhe go cúthail roimis an slait: scáthmhar, eaglach.

cúthaile: *b.4.* scáthmhaireacht, banamhlacht. Ní lé n-a chúthaile d'fhan sé 'n-a thost ach lé barr eagla: gan a bheith deiliúsach: gan fonn curtha in iúil do bheith ar dhuine. Is gnáthach cúthaile ar leanbhaidhibh roim dhaoine fásta: ciúnas: scáth ar labhairt nó iad féin do chur in iúil. An chéad uair riamh do chuadhas 'n-a dtigh, chuir rudaidhe ann ná feaca riamh roime sin cúthaile orm: ceal cráiste. Mór lé rádh pioc ní chuireann a bhearta

buacacha air, cúthaile ar fad seadh é: neamhdhánaidheacht: saor ó éirghe anáirde. Is le mórchúthaile do chríochnuighim an leitir seo: umhlaidheacht: míneacht.

D

dá: *a. uimh. mar dhobh. leis an aidiacht* Budh dhá mhara chéile dhuit bheith d'iarraidh é do stad nó ag cuimilt do mhéire de chloich, lé n-a cheanndáine: fé dhó: maith ar bith ní raibh ghá chómhairleach nó ghá chosc. Sé "an dá mhara chéile é, dhá réal seadh scilling" (rádh): is cuma ceaca: rud chómh maith lé rud eile (i dtreis). Lé n-a dhá láimh do dhein sé an méid do chídhir: gan cabhair ó neach eile. An dá lá dhéag a's mhairfead, ní labharfad leat le díomas duit: choidhche! Cad is ceart dom do dhéanamh, ní fheadar, fanacht nó imtheacht, táim i gcás an dá chómhairle: neimhchinnteacht. "Mo dhá chluais a chualaidh é a's mo dhá shúil a chonnaic é" (rádh): táim lándeimhnightheach den nidh deirim. Dhá léir ort! (rádh) maran déidheanach do thagair: mo mhilleán ort: tá míchéadfadh orm 'n-a thaobh. Dhá léir orm ná tairngeann ealadha éigin eile chugham seachas scríobhnóireacht, b'é mo bhail é: is cóir milleán do bheith orm. Bíodh aonnidh amháin air siúd a's beidh dhá rud air: gearánfaidh sé ar bheagán cúise. Treibh (treabh) chuthaigh, achmaoineach, doghéillte ná bainfeadh "an dá Mhac Uilliam comhthrom díobh": na Blácaigh a's na Búrcaigh (i gConnachtaibh a bhí áitrighthe lé n-a bhfíochmhaireacht). "An éisteóchair agus beidh a thairbhe agat" – "den dá dhiall é, mhuis, chun tusa ná aonne mar thu do shásamh": t'aindeóin bead ag cainnt. Lé droichmhianach is neamhruthag, tá an dá dhiall (déag a's an donas) air: níl aon teóra leis. Dhá bharróig ort nár fhan uatha, a's gan teacht eatartha, nár chualais riamh, "ná deaghaidh fear na teasardhan riamh as", ní bheadh do shúil ar silleadh leat: mo mhilleán ort. Deirtear é mar iomaithbhear nó míchéadfadh lag. An dá shúil do tháinig dóibh nuair bhuail sé chúcha isteach a's gur shaoileadar gur fhágadar marbh é: an t-iongadh a láithrigh ionta. Léan id dhá shúil, a dhallacáin, cad chuige satailt orm?: súile ná féachann rómpa. "Cad deirir?" – "ná cloisir me? ná fuil dhá chluais ort?": oscail iad. "Beir deoch uisce chugham" - "ná fuil dhá chois agat féin": bí id sheirbhíseach dhuit féin.

dabhach: *b.2.* (*daibhche*) coire mór doimhin, poll mór fairsing. I ndoircheacht na hoidhche leagadh i ndaibhch é agus marbhuigheadh ar an bhfód san: dadhgán. Ní talamh fliuch é siúd ach talamh go bhfuil daibhcheanna uisce ann: logacha móra, doimhne. I ndaibhch fé chabha carraige ná sroichfeadh slat iascaigh seadh d'fholuigh sé an tiomargan bradach: uaimh dhoimhin: poll doimhin. Ar son Dé ní bheirbheóchadh aonnidh choidhche san daibhch chorcáin sin: fairsinge a's doimhneacht ann. Cuireadh daibhch 'n-a cheann lé cloich!: poll mór doimhin: gearradh. Daibhcheanna roim dhuine gach lá dá n-éirigheann dá leabaidh: sloga: conntabhairtidhe. Gleann Daibhch (logainm): gleann doimhin, conntabharthach.

dabhaid: *b.2.* (*iol.* –eanna) smut reamhar; geannc. Dabhaid mhór fheóla go raibh deich bpúint meádhachana innte. Goile mór aige, é ag itheadh dabhaideanna aráin: geannc(anna), ailpeanna gearra, reamhra.

dábhliadhnach: *f.1.* ainmhidhe nó duine go n-aois an méid sin. "Cad is aos don mbullán?" – "dábhliadhnach seadh é": dhá bhliadhain d'aois aige.

dácheannach: *a.* go dhá gceann. An chaoraidheacht agus an t-iongtas atá oraibh im thímcheall mheasfadh duine gur duine dácheannach mé: go raibh dhá cheann orm.

dadhaice: *b.4.* coimhtheacht; doichilleacht; diamhaireacht; stuacacht; fuaire (meóin). Chuirfeadh dadhaice na farraige sa gheimhreadh ag briseadh 'sag réabadh a's raosach dá bhaint as fhaillteachaibh aici crithniughadh ar chroidhe duine: aidhbhéil dhiamhaireach, uaigneach. Maith an rud greim daingean ar shróin do bheith ar an dtarbh san ar an ndadhaice atá 'n-a shúilibh níor bh'fhada air tú do phleanncadh: diamhaireacht radhairce: olc agus malluightheacht 'n-a shúil. Is tú an stanga neamhmaitheach fir, ní fheaca riamh ach dadhaice ag baint leat gan gáire, gan greann: doichile, neamhfháilte, neamhshuairceas. Ón uain go ndeaghas isteach 'on tigh go dtí gur fhágas amach é, focal mín ní bhfuaireas ón líon tighe ach dadhaice ar gach slighe gur bh'fhéidir leó bheith tur: míbhéasamhlacht. Budh bheag an iontaoibh thu, d'aithneóchainn ar dhadhaice do shúl é: ceal míne. Dadhaice diabhail gan focal cainnte 'n-a bhéal aige do dhuine ná do leanbh a chuirfeadh an saoghal mór 'n-a choinnibh: duine gan teacht aniar: coimhtheach gan preab, gan féile.

dadhaiceach: *a.* míbhéasach, coimhtheach, iargcúlta, diamhair, doichilleach, dochroidheach. Eisean a bhíodh chómh sultmhar, tais do shíor d'aithnigheadar air go raibh rud éigin ag cur as do a's an gcuma dhadhaiceach a bhí air: cuma neamhmuinnteardha: doilbhir. Nár leór duit bheith eiteach gan bheith dadhaiceach: rud d'eiteach a's gan bheith stuacach 'n-a choimeád.

dadamh: *f.1.* (**dada**, **tada**) pioc, blúire beag, dubhradán, cáithnín, dadadh, taimice. "A mhadra a's gan dadamh den gclúmh ort" (rádh) deirtear lé míchéadfadh. Cad é an gearán atá ort, níl dadamh ort, dá mbeadh an chneadh sin ar mo theangain ní bhraithfinn í: faic in ao'chor. Dul de shiubhal go Tráighlí! ní dadamh leis é: nath: ní haon teamhair aige é. Tháinig gála gaoithe ar an dtigh nár fhág dadamh air: scuab leis an ceann, nó an díon. Drochúsáid ná droichbhiadh a's budh mhór ar bhuail díobh é ní dheárnadar dadamh leis: níor ghoilleadar air. Níl dadamh airgid sa tigh, dá mbeadh ní leigfinn follamh thu: oiread agus pingin ruadh. Is cuma liom, buidhe, bán nó breac é (arán), is fearr aonnidh 'ná bheith gan dadaidhe.

daibhleach: *f.1.* duartan, silleadh nó tál mór. Ólaidh, a bhuachaillidhe, tá daibhleach sa bharaille seo: tabhairt fhlúirseach. Thug sé an oidhche ar fad ag daibhleach (bháistighe) gur scéidh gach abha a's sruth: ag duartan.

daidhbhir: *a.* bocht, olc. Talamh daidhbhir ná fásfadh faic ann: olc: gan mianach tortha. Fear gan leac steámar gurbh ionann aige an daidhbhir agus an saidhbhir: an déanamh céadna don mbocht mar aon eile. Daidhbhir an lá dhom do fuaireas aithne ar drochchuideachtain: is í a chuir le haindeise a's lé fán me: olc, brónach, dochraideach.

daidhbhre(as): *b.4.* *7* *f.1.* Daidhbhre na talmhan ná tabharfadh sé cruithneacht: boichte úire fáis. Mairid ar an ndaidhbhre sin mar mhairid: dealbhas. Níl neach ná foluigheann ar a dhícheall a dhaidhbhre ar chách agus a dhíomhaointeas ar féin: gainne maoine cothuighthe. Níl aon daidhbhre cainnte ag teacht leis: ní théigheann sos ar a theangain, iomad le rádh.

daidhbhreach: *a.* truaillightheach, bocht, gádhtarach, uireasbhadhach. Dar ndóigh ní fhéadfadh an cúrsa do bheith ní budh daidhbhrighe ag an té ná fuil breith ar scilling aige: níos dona. Daidhbhreach an ball gur chaithis an oidhche fé scáth claidhe, gan leaba, gan teas, gan biadh: callóideach.

dáil: *b.3.* (*iol.* dála, dálta) aiste, staid, can; cúrsa; cruinniughadh, bailiughadh; cóimhtheangmháil; teangmháil eascáirdeamhail, dán; riar; teacht; farradh; toisc; céim. "Budh dheacair do bheith níos daidhbhre 'ná tá sé anois, tá sé chómh dealbh ar airgead agus tá croidhe mo dheárnan" – "dálta an scéil, é féin is cionntach leis, bhí saidhbhreas aige tamall dá dtugadh sé aire dho": maidir leis sin de: ag tagairt don gcúrsa san go tráthamhail. Dálta na canamhna do chaith fear lár an tsúsa leis an mbeirt (amuigh a's istigh) a bhí d'iarraidh breise dhe bheith aca, "tairngídís ó chéile é", ní pioc dem chúram-sa a gcuid achrainn: mar thárlaidh dho do bheith agus do rádh. Ocras atá ort, "dálta an fhir ó chiainibh": ag tagairt do dhuine éigin go raibh san air leathuairín roime sin. "Marbh ge crampaidhibh im bholg lé seachtmhain" – "an dálta céadna orm-sa": táid ag gabháil díom-sa leis. Gheóbhaidh Séamas cuid beirte, dálta Thomáis ní bhfaghaidh ach cion duine": i dtaobh Thomáis de. Mar tá eachtruighthe agam díbh ar dhán na mná, anois dálta a fir de inneosad dhíbh mar thárlaidh: cíodh trácht: iompócham air. Ó Dhia anuas ní féadair ach an tinneas atá im cheann agus dálta mo shúl de: tinneas uathbhásach ionta san. Beannacht Dé a's na Maighdine ort" – "gur b'é a dhálta dhuit": na beannachta céadna go ndortaidh ort. Dálta mar déantar liom déanfad: tabharfad slat dá thómhas féin do gach aonne. An é do dhálta bheith ceanndáine?: an béas agat é? Thugadh sé go rabairneach dos gach aonne, i ndeireadh (na) dála ní raibh faic aige le tabhairt d'aonne: fé dheóidh. Bítí ag maoidheamh as lé n-a fheabhas, i ndeireadh na dála nuair bhí tásdáil air ní raibh aon mhaith ann: toradh: crích (críoch). Beidh sé ag teacht abhaile Dé Sathairn, raghad 'on Daingean 'n-a dháil: 'n-a choinnibh: chun buailte leis. Is maith uaigneach, fada an bóthar atá rómhat, an mbeidh neach id dháil: it fharradh: it fhochair. Ní raibh sé an céad slán ach bhí sé i ndáil leis, ocht déag a's cheithre fichid, déarfainn: isteach a's amach lé: buailte leis: i dtánaiste dho: sa tor budh ghiorra dho. Chonnac fear ag dul isteach i gcás lán de leómhanaibh, ar Éire d'fhagháil saor, 'sis mór an focal é, ní raghainn 'n-a ndáil: 'n-a dtreis: dá n-ionnsaidhe: 'n-a ngoire ar a n-iontaoibh. Sar ar dhíoladar láthair tighe liom chuaidh a raibh ann aca i ndáil cómhairle chun a shuaidhte eatartha féin an n-aontóchaidís nó an ndiúltóchaidís: i gcruinniughadh gnótha. "Tréis farraigidhe an domhain do sheóladh báthadh i dtobair uisce é" – "b'shin é dáil a bháis": fód: áit. Cad é an dáil bháis a chuaidh air?: crích bháis: cuma 'n-a bhfuair bás. Téighimís i ndáil ólacháin: cuideachta. Mná saidhbhre, carthannacha a chaitheas a saoghal ag dáil déirce ar bhochtaibh: ag riar. Go haindeis, sin mar táid agus gan dáil chabhartha aca: gan ionchas. Chuadar fé dháil an bóthar do bheith críochnuighthe réidh aca fé bhliadhain ón lá san: chuireadar cor nó daingean ortha féin. I ndáil na n-aingeal go raibh t'anam: ameasc: ar a gcomhluadar. Chuir an dligheadóir dála na cúise go soiléir os chómhair an ghiúistis: tosca: na rudaidhe a thárlaidh. Fear deifreach seadh Seán agus is é dála (dáltha) Sheáin mo dhála-sa: is ionann cás dúinn. Tréis an tsaoghail b'olc an stanga fir é agus do hata do chongbháil i luach scillinge de dhigh: i gcoinnibh: mar chúiteamh.

dailce: *b.4.* searbhas meóin; gruamacht, doiriaracht, doice. B'fhearr liom dul i ndáil neach eile sa domhan chun comaoine do chur orm 'ná é, bíonn dailce air aon rud do

thabhairt uaidh: searbhas agus gruamacht: gearánaidheacht. Ní bhainfeadh faic an dailce den leanbh san ó baineadh a chuid bréagán de, anmhíoshásta dho: toramas: fusacht feirge a's doichill do chur air. Dá mbeadh sé i sláinte mhaith ní bheadh oiread dailce air, d'alpfadh sé ar a luighead cúise duine: neamhchneastacht: fusacht a chorruighthe.

dáilim: *b.a.* scaoilim amach; bheirim go flaitheamhail, spriocaim (chun). Dáileadh biadh a's beatha orainn gan doicheall: riaradh: tugadh lé caitheamh dúinn. Cad é an ball do dhéanamh do dáileadh duit-se?: do spriocadh nó do fágadh fút ar leithrigh fút féin a's do bheith freagrach ann. Dia go ndáilidh ionad sa bhflaithis duit: go gcuiridh féd chóir. B'é fear é is mó a dháil déirc lé n-a linn in Éirinn: a roinn a's a riar.

dáiliughadh: *f.* (*-ighthe*) riar, roinneadh, mír-roinneadh. Is deacair gach aonne do shásamh, cuid mhór ag gearán ná déintear an dáiliughadh ceart ar an mírdhéirc: é do roinnt nó do scaipeadh mar budh chóir. Dáiliughadh mícheart do rinne sé ar a chuid idir a chlainn, smut maith mór do chuid aca, agus smut beag, sprionnlaithe do n-a thuilleadh: a chúram do chur de 'n-a chodaibh nó 'n-a mhíribh.

daille: *b.4.* caoiche, ceal radhairc; neamhshoiléireacht; aineólas; doircheacht; doiléire. Tréis a bhfuil d'eólas ag an nduine (peacach) is mór an truagh é lé n-a dhaille ar an saoghal lé teacht: ainbhfios. Ní léd dhaille in ao'chor ná feacais cá rabhais ag gabháil: ceal radhairce, ach mainís nó ceal aire. "A dhaille atá ag teacht leis ná déineann sé scríobh mar oireann" – "daille a's bacaighe air!" (eascuinghe): deirtear so lé míoshásamh. An cúinne ní fhágann sé lé n-a dhaille: drochradharc nó a cheal ar fad. Náire agus aithis seadh daille na ndaoine san áit, níl cúigear fén gcéad díobh i ndán scríobh ná léigheamh: aineólas. Lé daille phuill (cróidh) na snáthaide ní fhéadfadh an meaintín an snáithín do chur isteach: ceal fairsinge, doichte. Daille an cheóidh a chuir ortha gan an charraig d'fheicsint: doiléastacht: an ceódh bheith ghá folach. Tháinig daille ait éigin orm gur imthigh an scéal béal na gclár as mo chuimhne: mearbhall.

daillicín: *f.4.* cluiche aithnideamhail leanbh go gcuirtear púicín ar shúilibh dhuine den bhfuirinn agus é ar thóir na coda eile d'iarraidh breith ar an gcuid eile; púicín. Tagann daillicínidhe ar a shúilibh leis an ndigh: scamaill a chuireas ar an radharc. Cuirfead-sa daillicín ort: bainfead radharc soiléir do shúl díot tríd bhascadh. Cad é an daillicín a chuir sí air gur phós sé í, ise chómh haosta agus eisean chómh hóg: mealladh: easarlaidheacht éigin ná feacaidh sé a héalaing.

dáilteach: *a.* fial; laimhthighiseach, sconnabheartach. Mhuise, mo ghraidhn thu is tú go bhfuil an lámh dháilteach agat, is fairsing agus is flúirseach do roinnir: boigéiseach, bog fé thabhairt. B'shin é an tighearna do-dháilteach a bhí orainn, ní fheacaidh buachaill adhmanais ná tríontaidhe maith ar a láimh riamh: cumhang, dian, gortach. Fuaireamair déanamh dáilteach, níor fágadh easbhaidh ná teirce orainn: fuaireamair go fial, fairsing.

dailtín: *f.4.* pastaire, cabaire cainnteach, tagarthach; rud suarach; uallachán nó gaige gan cur leis. "Dar lé dailtín na gcuach gur mar é féin do bhíonn an sluagh" (seanrádh): an té a bhíos ar meisce, dar leis gur b'í an chiall ait chéadna bhíos ag cách. Dailtín críochnuighthe seadh a thabharfadh tarcuisne ná easonóir do sheanóir: ruidín suarach gan

béas, gan meas air féin. Scaoil thar do chluasaibh an dailtín sin, níl eolas ar a mhalairt aige ach deiliús: duine gur cuma leis cá tarcuisneach agus bhíonn de cheal eolais nó le lán. An laochas d'bhur bhfuirinn buadhachtaint a's gan in bhur gcoinnibh ach dailtínidhe ó Shráid na nGabhar: buachaillidhe beaga nár bh'fhiú d'áireamh. An uile dhailtín sráide aca bíd ag magadh fúm toisc gur ón dtuaith dhom: an mhionchóip nách fiú tagairt dóibh. Níor bhris aonne riamh do bhréagán, a leinbh, ach dailtín: rud táir. Na dailtínidhe cléireach a bhíos ag foghluim na Gaedhlinge budh dhóigh leat ortha go raibh sí go léir aca: fáslaigh. Leig dailtín éigin fead fén stracaire bocht: suarachán gan dúthchas: duine ar bheagán tuisgeana a's mórán taidhse.

dailtíneach: *a.* clódhchaiseach, suarach, lánmhar, taidhseach, blomasach. Hata níos dailtínighe 'ná é níor chuiris riamh ort, 'on diabhal duine ná tugann fé ndeara thu 'n-a thaobh: níos gaigeamhla: níos scléipighe. Gan oiread an frighe ann a's dá gcloisfeá an chainnt dhailtíneach do thug sé d'fhear mhór ghroidhe, mhacánta do chuirfeadh náire ort: taidhbhseach, tagarthach, mímheastamhail. Nár dhailtíneach an rud do a rádh suas lém bhéal cá'n fáth ná raibh clann gem mhnaoi: tionnscalach: sáthadh cinn i rud nár bhain leis. Dubhairt sé leis gach aonne gan cáirde do thabhairt dom, nár dhailtíneach uaidh é: suarach, neamhchúramach.

dailtínteacht: *b.3.* suaraidheacht, deiliúmhas, clódhchas, teallaireacht. Beir do chuid dailtínteacht chun duine éigin eile, ní thógfainn-se gearrchainnt ná bac uait: cruisteach gan ughdarás: cruisteach an teallaire: sáthadh cinn i rud ná baineann lé duine. Ní dheaghaidh an dailtínteacht riamh uaidh: ní mhairfeadh sé gan bheith ag baint lé rud éigin ná baineann leis. Lé dailtínteacht do chaitheann sé éadach thar n-a riocht mar an gculaith dhaor san air: blomas: taidhbhse: gaigidheacht lán: teasbáinteas áirleógach: mórdháil. Ní lé misneach ná tuigsint do chuaidh sé ar an bhfarraige i gcorp scríbe ach lé dailtínteacht: fonn é féin do chur ós chómhair chách. Nách le dailtínteacht a chaitheas aonne a chuid ar ólachán go mbíonn bean a's clann ag brath air: ceal céille. Dailtínteacht do dob eadh tabhairt fé bhád do dhéanamh, duine nár thiomáin oiread is tairnge riamh: clódhchas: iarracht thar n-a riocht. "Thug sé an oidhche ag cur as, ghá rádh ná raibh aon fhear maith sa cheanntar ach é, go raibh gach aon rud ar a thoil aige lé n-a fheabhas, a's cad é ná dubhairt sé" – "tá dailtínteacht aige, mórchuid": cainnt gan cur leis.

daingean: *f.1.* dún, áit chosanta, cor, fáisceán, fáscadh, áit do-réabtha. An seanchlochán san atá 'n-a fhothraigh anois daingean ge daoinibh ar an namhaid dob é ní fuláir, ar an méid rian fallaidhe atá 'n-a thímcheall: áit neartuighthe lé fallaidhibh, órdanáis nó oibreacha ealadhanta eile. Ar ghéilleadh do Dhún an Óir tugadh an claidheamh don nDaingean go léir: dá raibh ghá chosaint. Chuaidh an piléar i ndaingean chómh doimhin sin 'n-a chliabhlach nár leómhaidh an liaigh é do bhaint ar eagla bháis: i gceangal doiréidhtighthe. Tá an dubhán i ndaingean san iasc, ní fhéadfainn é do bhaint choidhche. Ná téighir fé dhaingean obair chómh tábhachtach léi sin do dhéanamh gan do dhá shúil do bheith oscailte agat: fé chor: margadh: cómhaontas: scríbhinn go mbíonn coingheallacha d'áirighthe innte. Is fada daingean pósta eatartha: geallamhaint ar an dá thaobh. "An rabhais sa Daingean (Daingean Uí Chúise) indiu?" – "ní rabhas ná i ndeaghbhaile, ná gnóth agam ann" (rádh). Ar bheith ghá cheistiughadh go "ngeobhadh an mhuir adtuaidh" (rádh) d'fhágfadh sé ar bh'eól do i ndaingean rúin: i bhfolach gan

nochtadh. Is maith san an daingean atá annsan agat, an cúinne, coimeád é: áit shábhálta gan duadh. Dá mbeadh daingean ná fascadh ar an ndoras ní chuirfeadh an ghaoth isteach é: fáisceán: feistiughadh: ceangal gan tabhairt. Bimís ag gluaiseacht, cad é an daingean atá annsan ort?: greim: rud ghod mhoilliughadh.

daingean: *a.* dlúth, doscaoilte, doscartha, dochorruighthe, dúnta, feistighthe, dearbh(tha), teann, diongmhálta, fadsheasamhach, fuilngtheach; dúr, doghluaiste; cuingmhuineálach, dostrioctha; fálta; díochra. Mo ghrádh go daingean thu, ná déin nád go mbeadh a aithreachas ort: go dian: go mór. Mo thruagh go daingean an fear san gan lúth a ghéag, bhainfeadh deóir ón gcloich ghlais: truagh Mhuire (croidhe) é. Má bhrathann san scáinteacht ort roimis seachain thú féin ach labhair go daingean leis a's beidh maol: go teann agus go láidir. Duine daingean ná bogfadh plámás, breab, ná aiscidhe ar a cheart féin do thabhairt do chách: tréithe fé leith nár bh'fhuraiste d'fhagháil ameasc na coitchiantachta. Tráth a's gur éirigh eatartha in ao'chor, fastaoim (fastuim) iarracht ar iad do cheannsughadh, beart ródhaingean seadh iad: rócheanndáine. "Úird mhuilinn an iarainn" (rádh) ní bhrisfeadh an charraig sin, tá sí chómh daingean san: calcadh seadh í: dlúth, calcuighthe ar a chéile. Tighthe daingne, fallaidhe láidre, fuinneóga, dóirse agus ceann nách mór do bheith san áit aragail, scéirdeamhail seo: tighthe gur deacair don sín a ndíobháil do dhéanamh. Do dhícheall mór ní bhainfeadh an phréamh crainn sin, tá "chómh daingean (sa talamh) a's tá a chos sa tuairgin" (rádh): d'aon bhloc do bhíodh ceann agus cos an tuairgín. Ní fhéadfainn fágaint, táim daingean sa chluiche seo: ceangailte orm imirt liom. B'é an dá mhara chéile dhuit bheith ag feitheamh léi siúd an tsráid d'fhágaint nó lé lá deiridh an domhain nuair chídheann sí módhanna nuadha hataidhe, tá sí chómh daingean san ortha: tugtha dóibh: a croidhe 'sa haigne ionta. Rithfidh an gorm san gan "duilleascar na gcloch" do chur ann, ní dath daingean é: buan, dlúth. Ní fuláir liom nó is reilthín daingean é sin, taidhbhsigheann sé san áit chéadna dhom i gcómhnaidhe: socair, neamhchorruightheach. Cuir an t-airgead san daingean id phóca: go cruinn, ná caillfir. Fear daingean dingthe: fear córach, láidir: déanta go diongmhálta. Bíodh do dhóirse daingean tá sraithidhthe oidhche mágcuaird: do-oscailte: feistighthe in aghaidh ionnsaidhthe. Coimeád an druithle daingean dom go mbuailead cruinn í: an úirlis tolltha gan cor sall ná anall. Má tá gach nidh daingean san oifig bimís ag gluaiseacht: gan baoghal a fhuaduighthe ná a dhíobhála.

daingnighim: *b.a.* $_7$ *n-a.* neartuighim, deisighim, feistighim, diongmhálaim, bunuighim go foirtil, fascaim; fálaim, cuirim cor (ar); buailim (i láthair). Daingnigh thú féin sa chluiche seo sara n-imirighir: buail síos do gheall (do chuid airgid). Mara ndaingnightear an ursa san tuitfidh í: ngreamuightear mar is cóir. Daingnigh an tairnge sin, tá sé bog: tiomáin abhaile é i ndoichte. Daingnigh an chómhla san, tá sí ar deargleathadh: feistigh í: dún í i slighe a's ná hosclóchaidh. Daingnigh isteach thú féin: déin slighe dhuit féin (i sluagh nó in áit chumhang) agus conghaibh do ghreim ann. Daingnighimís soir i gcoinnibh na gaoithe: brughaimís. Sinnsir ó shoin do dhaingnigh mo mhuinntir sa cheanntar so: chuireadar fútha ann agus d'fhanadar ann (d'aindeóin freasbhraidh agus anróidh): shíolbhuigheadar ann. Aimsir bhreágh atá air, dhaingnigh an ghaoth soir: chuaidh soir agus d'fhan ag séideadh as an áird sin. Ó tá an leómhan istigh agaibh sa chródh daingnighidh air: feistightear air: cuirtear an ródh i dtreó nách féidir leis an leómhan teacht amach. Dhaingnigheas go maith ar na buaibh sa tuar: chuireas cosc fágtha

ortha. Daingnightí na trínsidhe ionnas ná déanfadh piléir ón spéir a réabadh: neartuigheadh lé cosaint. Daingneóchad-sa dhuit go bhfuil an ceart agam: cuirfead in iúil.

daingne: *b.4.* buancas, neart, doichte; dlúthas, buansheasamhacht, teannas. A dhaingne agus bhí Hitlear leis an Seic b'éigean di géilleadh dá éileamh mar nár bhraith sí láidir a dóthain chun catha do thabhairt: déine: fonn gan faoiseamh an rud a loirg do bhaint amach. Dhírigh an Dubhchrónach an gunna air agus d'fhógair do a ghéaga d'árdach go grod ach lé daingne an fhir d'fhág 'n-a phóca iad: cródhacht: seasamhacht: stóinseacht gan géilleadh: an can a bhí air do choimeád gan géilleadh. Ionnsaidheadh an dún céad uair, caitheadh pléascáin air, tugadh iarracht ar a dhóghadh ach lé n-a dhaingne níor ghéill sé: neart achmaoine: acfuinn seasaimh. Caitheadh éirghe de tholladh na carraige lé n-a daingne: a cruadhacht agus a dlúthacht. A dhaingne agus tá an caradas eatartha, creid go mbeid d'aon bhuidhin: láidir, greamuighthe. Ní furaiste lánamha d'iomscar fé dhaingne dlighe an Chreidimh Caitliocaidhe: coingheallacha cruadha, doscartha. Cuir daingne éigin ar do chuid éadaigh, tá sé ag tuiteam díot: cóiriughadh is ceangal.

daingnighthe: *a.r.* feistighthe, dearbhtha, luaidhte. Dhá léir ortha! is mithid dóibh pósadh, is fada daingnighthe iad: luaidhte, geallta dá chéile. Beidh deireadh lé n-a chúrsáil thar lear tá sé daingnighthe anois: scoair síos: greim nó muirearaighe éigin air a choiscfidh a imtheacht. Táim daingnighthe fém fhocal a's fém mhóid gan an rúd do leigeant le neach beó: greamuighthe, geallta go solmhanta. Chualamair ráfla go mbeidhtheá ag teacht, sin é daingnighthe anois é, sid é annso thu: dearbhtha: fromhtha: foillsighthe gurbh í an fhírinne í. Is iomdha san dualgas a bhíos daingnighthe orainn ná cóimhlíonaimíd: gurb é ár gcúram é dréir córach agus cirt.

daingniughadh: *f.* (*-nighthe*) (*iol.* ionann) feistiughadh, margadh, coingheall; dún; áit nó ionad saor ó bhaoghal; cur fál (ar); greamughadh. Dá mbeadh aon daingniughadh ar do chuid talmhan ní bheadh m'ainmhidhthe-se ag dul ag bradaidheacht ort: clathacha cearta a choimeádfadh iad. Ag daingniughadh ionam atá an leanbh in ionad sosa do thabhairt dom: ghom shíorleanamhaint: "thiar asam". Aon chuma atharruighthe níl ar an ngaoith, ag daingniughadh thoir atá sí: ag leanamhaint de bheith ag séideadh as an dtreó san. Seadh, ní baoghal d'aonne anois é tá an daingniughadh déidheanach air: fá iadhadh uagha dho: adhlachta. Ag daingniughadh ionam atá an slaghdán: ag fagháil breis ghreama. Thugamair an lá ag réabadh daingnighthe an mhada ruaidh sar ar mhúsclamair é: an phruais: an uaimh doshroichte a bhí déanta aige. An talamh ar fad laitighthe age daingnighthe coinínidhe: cnuigéir dhoimhne, chasta. Chuadar chun atúrnae chun an chleamhnais do dhaingniughadh: é do chuir fé chuing na dlighe. Ag daingniughadh n-a chéile chun imeartha bhíodar nuair thug na póilínidhe fogha ortha: ag luighe i gceart chúiche. Ruaig na gunnaidhe móra ó dhaingniughadh go daingniughadh sinn go dtí nár fhágadar falla ná scairt againn: áit chosanta dídin. Chluichfeadh na sladaidhthe ó dhaingniughadh go daingniughadh: daingnighthe discréideacha gur dheacair ceann do thógaint díobh: gnáthóga go mbíodh neambaoghal ortha. Sé a bhfuil de dhaingniughadh agam air go ndíolfaidh sé a fhiaca: a focal: dearbhadh.

dainginiúchán: *f.1.* feistiughadh; ceangal. Is mór go léir an dainginiúchán é cheithre bolltaidhe ar an ndoras: ceangal chun coimeádta. Ar chófraidhibh taisce na mbannc do

bhíonn an dainginiúchán: glais a's ceangail dheiscréideacha in aghaidh foghlaidhthe. Ní a scaoileadh is féidir, ní fuláir a ghearradh, dainginiúchán an diabhail bhuidhe atá air: cuibhrighthe go dlúth, doscartha. Bíodh dainginiúchán ar t'inchinn!: bíodh breis chéille agat: labhair lé fuaimeant. Bímís ag dainginiúchán tá an namhaid chughainn: ag cur cosanta orainn féin.

danaid: *b.2.* brón, dochar, aithreachas, aithmhéala. Cé hé gur danaid leis thú ar mbeith síos duit: go ngoillir air. "Briseadh a chos" - "is danaid liom san": is oth liom. Drochaigeanta an duine é níor dhanaid leis do bhás: brón. Do dhanaid ort! sé atá tuillte agat: go n-éirighidh rud mío-adhmharach. Ar do dhanaid ná corruigh! nó sciobfad an ceann dhíot: ar do phriacail. "Chailleas dhá phúnt, nách me an truagh?" – "mo dhanaid é!": aon mhairg ní chuireann orm. Mo dhanaid croidhe gur chabhras riamh leat, mar is tú nách fiú é: a aithreachas dóighte tá orm. Danaid uait maran tu fear an tseóidh: is breágh liom bheith ag éisteacht leat. Tá a dhóthain mór aráin anois aige, tá sé ó dhanaid ocrais: ó bhaoghal. Danaid dom seadh an fhiacal do stathadh uaim, ach ní díobháil mhór: cur siar: ceataighe. Leanann danaid an domhain uile tigh do thógaint gan go leór cabhartha: callóid: duadh.

dainideach: *a.* (**danaideach**) suarach, brónach, truaghánta, callóideach. Budh dhainidighe liom mo radharc bheith in easnamh orm 'ná an clos: budh mheasa liom é: is mó do ghoillfeadh orm. Iasc dainideach aon iasc go gcaithtear dul fiche míle ó thalamh ag triall air: callóideach: gheibhtear oiread dá dhuadh a's nách fiú é. Crot dainideach a bhí air tréis a chúrsa san ósbuidéal: cuma dhearóil, lag, truaighmhéileach. Maran dainideach ataoi 'n-a thaobh: nách truaighmhéileach ataoi a's nách fiú é nó nách naoidhe truaigh é. Ainmhidhthe danaidheacha tréis an gheimhridh, iad ar tógáil: suaracha, drochchrotamhala, cineál dá fhagháil aca d'iarraidh a gcoimeád beó.

dainnséar: *f.1.* conntabhairt, eagla. Dainnséar seadh thu: ní fearrde duine a bhíos id chuideachtain. "Nár bheiridh aon dainnséar choidhche ar mhuir nár ar tír ort", deirtear le hiascaire a thugas iasc in aisce uaidh. Tá dainnséar 'n-a dhorn: níor bh'fhios duit cathain bhuailfeadh sé thu leis. (**dainnséarach** *a.*)

dair: *b.* (*daraighe*) crann. Tá an dair 'n-a chnámhaibh, tá fulang ar aonnidh aige: cruadhacht. Gheobhadh an fuacht atá ann isteach trí chlár daraighe (rádh): déine an fhuachta. Cad thiocfadh air? ná fuil sé chómh follain lé dair?: maidir lé sláinte, is ionann é agus an dair maidir lé folláine agus achmaoin adhmaid.

dáir: *b.3.* $_{7}$ *5.* fonn cumaisce in eadáil. Bó fé dháir: oireamhnach don tarbh. Chídhim ná heitighir faic ar an bhfear san, is mór táir fé dháir aige!: ar a thoil. Chuaidh an bhó gan dáir: níor tugadh an tarbh di. Thóg sí an dáir. Chaill sí an dáir. D'imthigh sí ó dháir gach bliadhain.

dáirdeal: *f.1.* drochaimsir, droichshín. Tá muinntir na mBlascaodaidhe síontheanntuighthe gen ndáirdeal gaoithe is farraige.

dáirim: *b.a.* (**doirim**) Doireadh an bhó: do bhí cuid ag an dtarbh di. An bhfuil an bhó san dortha?: an bhfuair sí an tarbh?

daithgheal: *a.* glé, lonnardha. Lá olc iascaigh ar abhainn seadh é, tá an t-uisce daithgheal: glé, glan, solasmhar. Fallaidhe daithgheala tréis aoil: bán gléigeal. Ó mhullach an chnuic bhí radharc soir ar bhéal na Sionainne agam agus siar ó dheas ar na Scealgaibh agam toisc an spéir do bheith daithgheal, solasmhar: díthsmúiteach. Clódh slachtmhar, daithgheal uirthe: a ceannaighthe soilbhir, deallruightheach.

daithte: *a.r.* dathuighthe, teimhealuighthe, solasmhar, breacuighthe, réiltheanach, snasta, gléasta. Ná caith an lá léd bhrógaibh, táid ró-dhaithte agat: an iomad smearaidh a's cuimealta factha aca. Is lánmhithid duit an bhilleóg bheith daithte agat ó bhun barr má dhéanfadh aimsir ag scríobh é: breacuighthe. Is néamhair an clódh atá ar a folt, daithte mar ór: an dath san air. Lait an t-aol an falla, nách daithte tá sé in áiteannaibh: baill teimhil ann.

dálach: *f.1.* lá den seachtmhain seach an Domhnach. "Bír ag dian-obair" – "bím, domhnach a's dálach": ó cheann ceann na seachtmhaine claoidhte léi.

dalbhadh: *f.1.* earráid, seachrán, mearughadh (incheann), iomrall, tuaiplis. Cad é an dalbhadh atá dhá chur agat ar na cártaidhe, ná scúghfá amach go macánta iad: tuaiplis tola: ag imirt chleas ortha. Sin é do chúram innste dhuit, ná bíodh aon dalbhadh n-a thaobh ort gan é do dhéanamh i gceart: dul amugha: seachrán: daille gnótha. Le deireannaighe táim andhearmhadach, dalbhadh éigin ag teacht ar an inchinn agam, is dócha: mearughadh nó seachrán. Sara gcuirid síos é déanfad deimhin de ar eagla aon dalbhadh do bheith orm: me do bheith in earraid: dearmhad: dul amugha.

dálgas: *f.1.* éileamh, fonn. Fir a bhain a ciall shaoghalta dhi, bíonn dálgas uirthe bheith n-a gcuideachtan: guilm: fonn míochuibheasach. An rud maith ná blaiseann duine ach go hannamh bíonn dálgas air chuige: éileamh chun a bheith aige: fonn míochuibheasach. An tinneas a bhíos ar bhuin tréis beartha. Ní cás uisce fuar do thabhairt don mbuin níl aon dálgas uirthe.

dall: *a.* caoch, gan radharc, gan fairsinge (poll nó oscailte); neamhsholasmhar, dorcha, dubh; dúr, aineólach, doghluaiste, neamhéascaidh; domhúinte; neamhmúinte; neamhthuigseanach; neamhradharcach. Tagann an obair dall ar dhuine gan taithighe: deacair. Ní fheadar, táim dall ar an mbrigh atá leis: gan eolas. Nách dall do chuaidh sé dhuit nár chuimhnighis ar arán do bhreith leat tréis é do chur i bhfighis fiche uair ort: dearmhadach. Eólas atá uaidh, fág dall é: ná tabhair fios ar bith dho. Má cheannuigh sé an t-uaireadóir sin ar dheich bpúint, rud nách fiú í, tángthas ar an dtaobh dall de: buaileadh bob air. Aimsir ghrithileánach seadh í, tá na daoine dall amach go hobair: obair ag baint na súl asta: ní túisce gnóth déanta ná gnóth eile ag feitheamh leó. Ó chiainibhín páipéar a theastuigh uaim, anois táim dall amach gan peann: dada ní féidir do dhéanamh gan é. Cúrsa dall go maith seadh bheith in áit iasachta gan airgead: dian: is deacair a rádh cad is ceart ná féidir do dhéanamh. D'ól sé an oiread san go raibh sé dall gan aithne a bheart aige: mearbhall céille air. Bheidhfeá dall le cainnt aige: bhodharfadh sé id bheathaidh thu:

leath a ndéarfadh sé níor bh'eól duit. Daoine dalla gan focal de theangain a ndúthaighe aca: gan eólas. Dia linn! is gránda an rud duine dall; focal de san ní fhéadfainn a léigheamh: gan foghluim: gan léighean. Solas dall ná féadfainn léigheamh leis: gan ghluardhacht. D'iompuigh sé i leathtaoibh i mbóithrín dall uatha agus chailleadar a lorg: beilichín ná raibh ró-léir. Cad é an mhaith an tsnáthad dall so, taointe dá chaoile ní fhéadfainn do chur innte: cumhang-chródhach: poillín beag, docht innte. Ist oidhche bím chómh dall le circ (rádh): faic ní féidir liom d'fheicsint. Dall ar leathshúil leis: gan aon néal radhairce innte. Le haois an leabhair a's teimheal na haimsire tá an scríobhnóireacht an-dhall: deacair do léiriughadh. Is daille anois me 'ná riamh: tréis a bhfuil feicsighthe, cloiste nó tuigthe agam níor dhein maith ná feabhas orm.

dall: *f.1.* duine gan radharc, duine gan eólas, scáth. Budh dhaille an giolla ná an dall: budh lugha eólas a bhí ag an té a bhí ag treórughadh 'ná ag an té a bhí dhá threorughadh. Is manaoiseach an duine thu a's do chuid gnótha d'fhágaint go dall na hoidhche: doircheadas: tráth go mbeadh ceal solais crosta air. Cuireadh ar na dallaibh dubha ar meisce ar an mbainis é: ó aithne a bheart. An dall bocht ná bíodh aon mhilleán agat air gan é bheith i ndán é do léigheamh ná do thugsint, ní bhfuair sé an scolaidheacht: aineólach. Oscail do shúile, a dhaill, dá mbeadh cainnt ag an sciain labharfadh leat: duine neamhshuimeamhail. Tairng an dall ar an bhfuinneóig: scáth nó cosaint ar an solas nó ar fhéachaint tríd an ngloinne. Aire dhuit ar an gcasán sa doircheacht tá sé an-dall: níl puinn riain ann.

dallacáil: *b.3.* útamáil, cuardach fé mhéarannaibh, corruighe nó gluaiseacht in áit ná beadh radharc ag duine, iarracht amhrais do thabhairt fé rud. An dallacáil a bhí agam d'iarraidh teacht aníos an staighre mór, fada, dorcha, gan a fhios gach uair liom cathain bainfí barrathuisle asam. Beir leat solas agus ná bí ag dallacáil féd dhóirnibh: ag cuardach thall 'sabhfus ar amhras. Dallacáil an domhain aige ar lorg a charabhait i dtóin an mhála éadaigh: útamáil: a mhéireanna ar séirse ag cuardach. Dallacáil iongtach dob eadh dho an cladach carraigeach do shiubhal a's ná feicfeá an té a chuirfeadh méar id shúil: gluaiseacht fé dhuadh is fé chonntabhairt. Chuirfeadh sé truagh ort cheal an radhairc ag dallacáil tímcheall an tighe: ag brath roimis.

dallacán: *f.1.* ceann cipín, duine gearraradharcach, duine gan puinn géarchúise. Fág mo radharc, a dhallacáin, ní fheicfeá capall bán: a dhuine ná fuil breithnightheach ná oscal-shúlach. Níl eolas an bhóthair ann an dallacán: chómh lochtach 'n-a radharc a's nách féidir leis meabhrughadh roimis. Cad é an mhaith bheith ag múineadh an dallacáin, ní chuirfeadh Éire faic 'n-a cheann: duine dúr.

dallacántaidheacht: *b.3.* dúire, iomrall trí neamhaire, caoiche. Shiubhaluigh roimis amach de scéimh na haille lé n-a chuid dallacántaidheachta: neamhaire: dúire meabhrach. Budh bheag dá chuid dallacántaidheachta an leitir do dhearmhad agus an corp deabhaidh a bhí aige léi: manaois: dearmhad lé heasbhaidh críochnamhlachta. Sheól sé isteach ar an gcarraig lé dallacántaidheacht cheart, slighe a dhóthain aige agus an uain breágh: ceal féachta roimis: neamhaire gan chúis.

dallachar: *f.1.* iomarcacht solais; gluardhacht; doircheacht ar an radharc ó bhreis solais. Ísligh an solas antréan san, tá dallachar orm aige: goilleann sé ar mo shúilibh: doircigheann a neart mo radharc. Ar theacht isteach do san amharclann thug sé i bhfad ag dallacáil d'iarraidh a shuidheacháin d'fhagháil, bhí dallachar solais na sráide 'n-a shúilibh: deasca an tsolais ag cur ar an radharc. Seadh, seadh, ná hiarrtar id dhiaidh é, cad é an dallachar a bhí ort ná feacaidh me a's gur ghaibheas thart trí huaire: daille: connus nár thugais chun cruinnis me? "Dallachar dubhach ort" (tiomna) deirtear lé duine nó rud nuair is cúis míoshástachta é: mío-ádh trom. D'imirigheadar ar chuma a chuir dallachar ar a raibh ag féachaint ortha: a bhain leathadh as na súilibh aca. Nár mhór an dallachar do chuir an deoch air gur bhris sé troscán an tighe a's nár chuimhin leis é: an mearughadh incheann. Bíonn an dallachar ag baint lé cunntaisidhibh do choimeád: achrann a's aimhréidheacht, crostacht.

dalladh: *f.* (*–llta*) do dhéanamh caoch nó dall; an radharc do bhaint de; do chur amugha nó ar seachrán; do mhearughadh; do chur trí ughamachaibh; breis; iomarca; dúire; griothal; oiread d'aon rud is gur deacair teacht air. Ag súil go muinghineach le cogadh atá muinntir Mhearaice go mbeadh dalladh ar airgead aca ag déanamh armála: airgead le tuilleamh aca ar aon taobh go n-iompóchaidís: ghá dhéanamh 'n-a chnocánaibh. "Ná bíodh an milleán agat air gur bhuail sé id choinnibh, tá an fear bocht dall" – "dalladh gen ndiabhal air!" (eascuinghe): go bhfanaidh mar sin! Beidh dalladh ar an gcapall ráis ag daoinibh ghá cheannach: bualadh, éileamh mór. A lithéid de dhalladh ní fheaca ar aonne riamh, níl eaga ithte aige: griothal oibre. Aon tír go dteastuigheann céad míle lucht oibre innte ní fhéadfadh gan dalladh ar obair do bheith innte: í bheith lé fagháil ar gach méir. "An bhfuilir cúramach indiu?" – "ar dalladh": gan sos. An dá luing ar dalladh lé chéile, ceann aca d'iarraidh éalódh ón gceann eile: an oiread siubhal dhá bhaint as a n-ineallaibh a's bhí ionta. "Ar stad an bheirt d'allagar fós?" – "ar dalladh ó shoin!": ar a gcroidhe díchill ag ionnsaidhe a chéile. "Ní chreidfinn focal uait, a chladhaire, anfhear éithigh seadh thu?" – "ó, ar mh'anam creid, 'dalladh a's caochadh orm'! gur mé béal na fírinne agat" (tiomna): go rabhad chómh dall lé cloich! "Dalladh a's caochadh ort" (eascuinghe) – "an céadna dhuit!". Go ndamnuighidh Dia é, an sprionnlóir, ní thabharfadh dalladh do shúl duit, dá dtógadh ón mbás thu: an oiread a's raghadh fé shúil dhuine (cáithnín a ghargóchadh an tsúil). "Cad n-a thaobh nár labhrais liom nuair bheannuigheas duit?" – "dalladh a's caoiche má chonnac thu": dearbhadh dearbhtha. Ní dalladh go dtí ag an Fhrainnc agus Sasana ar aon taoibh leis an nGearmain agus an Iodáil ar an dtaoibh eile: spochaireacht chogaidh: achmhusáin agus griogadh. Nách mór an dalladh fuair sé ó n-a chlainn lé n-a gcaithteacht gur chuireadar "ó thigh a's ó threabh é": clampar ná féadfadh gabháil leis. "Ól an méid sin?" – "ambaiste ná hólfad, tá mo dhalladh ann": oiread agus chuirfeadh ar na craochaibh me. Gan amhras beidh Sasana agus an Fhrainnc, ar a son féin, ar aon taobh, an Iodáil agus an Ghearmáin agus an tSeapáin ar an dtaobh eile. Ní hannsan atá an dalladh ach cad dhéanfaidh an Rúis?: an buaidhreamh: an cheist ná fuil réidhteach againn dréir cómharaidhthe. Táim dhá dhalladh amach ag an saoghal, ní fhéadfainn teacht ar a bhfuil d'fhiachaibh orm: táim dhá chlaoidhe aige. Mar ar bhuadhas féin air, mhuis, an diabhal dom ná gur thug dalladh maith dho: a dhóthain lé déanamh.

dallaigeanta: *a. n-dh.* dúr, mall i dtuigsint, i gcéill nó i meabhraidheacht; neamhghéarchúiseach. B'éigean a thógaint ó scoil gen gceann dallaigeanta atá air, ná

raghadh faic isteach ann: neamhthógach ar theagasc. Riamh ní thiocfadh focal uaidh a chuirfeadh ag gáiridhe duine, cuideachta dhallaigeanta seadh é: duairc, brónach: cuirfeadh a ráidhte in ísle bhrighe thu. Nár dhallaigeanta dom mo leitreacha d'fhágaint fé léighe aonne gur mhaith leis iad do léigheamh: neamhchiallmhar: neamhchuimhnteach.

dallaigne: *b.4.* aigne dhúr, neamhéascaidh. Tháinig dallaigne air trí an iomad ólacháin a's b'éigean do tréigean, mar bhíodh a chúram ag dul amugha air. B'fhada dom ag féachaint air sar ar chuimhnigheas cár theangbhuigheamair ar a chéile lé dallaigne: ceal éascaidheachta beartha chun mo chuimhnte: níor ghluais sians mo chuimhnte go héascaidh.

dallaim: *b.a.* caochaim, cuirim amugha, cuirim iongtas ar, mearuighim, cuirim trí chéile, bainim radharc de. Ní h-ar meisce bhí sé ach dallta: caoch ar fad. Dhall an t-airgead é gur mhairbh sé a pháirtidhe go raibh sé aige agus éad aige leis: bhain a mheabhair de. Tá sé dallta aice: pósfaidh sé í: thug sí saobhchiall do: chuir sí spearbaill air: bheir sí dho tréithe meallta d'fheicsint innte ná raibh innte. Dhall an líon amach an chráin dhubh ar chasadh an tsnátha go léir tímcheall a cinn: chuir sé in achrann í. Cad do dhall ar fad me ach an té a bhí ag maoidheamh riamh as a acfuinn ná féadfadh cloch phlúir do cheannach do féin: a chuir i slighe me a's ná féadfainn a thuigsint. Nár dhallaidh Dia sin, nách mór an chros a bhí ar an bhfear san a mhairbh a bhean agus a gceathrar leanbh: nár chuiridh Dia mearbhall incheann orainn. Splanncacha chómh tiugh le tiol! a lasfadh an ball id thímcheall agus annsan a dhallfadh thu ná feadraís cá gcuirfeá do chos 'n-a ndiaidh: a chuirfeadh doircheacht ar dhruim léargais ortha. Dallann obair chrosta aonne gan taithighe: cuireann amugha é. Dallann taidhbhse na n-éadaighe daora sa siopaidhibh na mná: cuirid iongadh agus alltacht ortha lé n-a mbreághthacht 'sa módh. Dhallfá ag obair me: ní fhéadfainn oibriughadh chómh maith ná chómh pras leat. Do dhall Dia lucht tógtha túir Bhéibil gur throideadar: chuir Sé trí chéile iad. Dhallfadh an fear glic sin aonne: mheallfadh.

dallamalóg: [**dallamallóg**] *b.2.* "óinseach amadáin"; "amadán óinsighe"; fuairthé; útamálaidhe aindeis; cur amugha, bobaireacht, míorán, mearán. An dallamalóg bhocht is mór an náire dhíbh bheith ag gáiridhe fé n-a chainnt, cá bhfuil a leigheas ar a aindeise: duine truaighmhéileach, gan urchóid. An dallamalóg dhá chur ag déanamh ruda ná feacaidh riamh 'n-a shaoghal: an t-amadán. Dheineadar dallamalóg de lé cainnt bhreágh bhog agus le geallamhaintidhibh gur chuir sé a ainm leis an ndaingean gan oiread agus féachaint air: bhuaileadar bob air lé n-a shaontacht. Duine baoth, lag, nó neamhaireach is furaiste dallamalóg do chur air agus rud do chreideamhaint ná bíonn fíor: dóchas mealltach nó tuairm a chuireas amugha. Tá dallamalóg ort más dóigh leat go mbeid ag rith léd droichbheartaibh choidhche: dóchas bréige. Thug sé a sparán d'fhear gan aithne aige air trí iontaoibh, a's ní feacaidh an sparán na an fear ó shoin, b'shin é an dallamalóg i ndáiríribh do chur ar bhaothán: míorán incheann. B'fhéidir a dheallramh do bheith air, ach ní dallamalóg é: níl sé chómh baoth a's thaidhbhsigheann sé.

dallán: *f.1.* blúire beag bearach adhmaid lé sáthadh i bpoll nó in ionad tairnge; buag. Cuirtear dallán i bpoll an bharaille nó dísceóchaidh. Níl aon pholl a dhéanfainn go

maidean ná gcuirfeá dallán ann: pé cúinse bheadh agam bheadh cúinse ’n-a choinnibh agat.

dallaphúicín: *f.4.* daille; an scáth do cuirtear ar na súilibh chun feicsint do chosc. Chuirfeadh sé dallaphúicín ar aonne, an rud a déarfadh sé ní hé do dhéanfadh sé: dul amugha. An dallaphúicín agat orm cá bhfuilir ghom bhreith? ní hé seo saghas áite do gheallais go mbéarfá mé: ní hé an rud do thugais lé tuisgint dom atá déanta agat. Caithimís dinn an dallaphúicín atá orainn lé fada agus tómhaisimís ár n-aiste mar tá sí: na baramhla bréagacha a chothuigheamair.

dallarán: *f.1.* daoi, duine modarchaoch. Meas dallaráin gen saoghal mór air, ná raibh léigheann ná tabhairt suas air, ná raibh cur na muice ón ndoras ann, connus mar sin do bhailigh sé saidhbhreas?: duine chómh dúr, dall lé hasal. Ná bítear ag brath ar an ndallarán san chun obair mhín, líomhtha do dhéanamh, toisc ná feiceann go soiléir. Bheadh truagh agat don ndallarán ag casadh le léigheamh, ag leitriughadh furmhór na bhfocal ’sag fiafraighe a míniughadh: dall gan eólas.

dallbhach: *f.1.* aineólas; daille incheann; mearughadh na meabhrach, brón. Chuir sé dallbhach orm lé n-a chuid treasnála gur chuir amugha me ar an nidh a bhí lé rádh agam, a’s chaitheas stad: meascán ar mo smaointibh. “Maidir liom-sa dhe”, ars an fear, “ní chuireann sé aon dallbhach orm na tíortha lasmuigh bheith i muin mhairc a chéile”: aon bhrón. Nuair chuala go dtáinighis ar mo thuairisc a’s ná ránguigheas istigh rómhat tréis do chineáltachta chuir sé dallbhach orm: díombáidh. Cuireann geámaidhe Hitlear is Mhusailiní dallbhach ar Shasana a’s ar an bhFrainnc ná feadraid ó Dhia anuas cad tá ar aigne na beirte sin: aiste bhuadhartha aigne: doiléire ar cad tá in inntin na beirte.

dall(a)chaoch: *a.* modarchaoch; gan bheith dorcha ar fad; anghearr-radharcach. Bhíomair dall(a)chaoch gen sneachtadh lóipín ag dul ’n-ár súilibh: budh an-dheacair dúinn an bealach do bhreithniughadh. Ná feicir go bhfuil sé dall(a)chaoch, an tslighe do lascálann sé clocha an bhóthair roimis amach gan iad d’fheicsint: nách mór dall ar fad. Dall(a)chaoch ag an ól atá sé, ná cuir nath ’n-a chainnt: an fíon istigh an chiall amuigh.

dallchiall: *b.2.* ciall nó réasún clé. Dallchiall dom b’eadh teacht fé n-a bhrághaid a’s gan aon deimhin go mbeadh ann ach ráfla. Gabhann tuigsint an duine lé smaointibh, admhuigheann nó caitheann an chiall i leathtaoibh iad, an té go mbíonn ceal tuigseana air bíonn sé dúr; tiocfaidh ceal céille de dheascaibh feirge nó claon. Is ceart leanbhaidhe do smachtughadh ach dallchiall seadh iad do ghortughadh.

dalldramán: *f.1.* duine dúr; duine ná deineann faic i gceart nó ná bíonn aon tionnscal ann. Ní fhágfadh aonne a dhoras oscailte ist oidhche a dalldramán corónta: fuairthé gan chiall. Faigh a thuicéad don ndalldramán san a’s ná caithimís an lá ag feitheamh leis: amalóg gan tapa. A lithéididhe de scata dalldramán ní raibh in aon raing, duine aca ní bheidh éirightheach fén scrúdughadh: scata ceann cipín.

dallóg: *b.2.* clúdach; caochóg. Bíonn dallóga na bhfuinneóg anuas, is gnáthach nuair bhíonn duine leis an dtigh fé chlár nó marbh: clúdach. Is baoghalach go bhfuil an radharc

ag cailleamhaint orm, bíonn dallóga ar mo shúilibh tréis bheith ag léigheamh: baill dhorcha, a ghoilleas air.

dall(a)radharc: *f.1.* caoile nó giorra feicseana; doiléire incheann. Dall(a)radharc ort! (eascuinghe): go gcaillir áis do shúl! Dall(a)radharc dóibh dul chun cogaidh agus súil lé buadhachtaint gan ullmhúchán cóir: ceal tuigseana.

dall(a)radharcach: *a.* caoch, dall, dothuigseanach; ceal féachaint roim. Nách dall(a)radharcach d'éirigh sé dhuit gan éadach geimhridh do cheannach i gcóir na háite fuaire seo an dtacaid seo bhliadhain: réamhaire, géarchúis. Is dall(a)radharcach don té ná bailigheann i dtaisce beagán éigin i gcóir an lae chruaidh: dearmhadach ar a leas.

dallta: *a.r.* caochta, teanntuighthe, mearuighthe, curtha amugha, meallta. Dallta amach agus mar bhí sé ge ceisteannaibh dhá raideadh air, ní chlaoidhfeadh sé: iad ag teacht go tiugh, trom air. Dá mhinicighe bhí sé dallta aice lé n-a meang agus a fhios aige go dochraideach do dhalladh sí airís é, bhí sé chómh mór san n-a cómhacht: meallta: mearuighthe, a chiall caillte aige léi. Dallta ar cá bóthar do gheóbhadh sé 'gen gcrosaire thairng sé amach a léarscáil: mearuighthe: curtha as a eólas: curtha trí chéile.

dalta: *f.4.* focal ceana, grádh, múirnín, buidheanach, peata, duine a bheadh fé chúram duine eile chun a fhartha nó a oileamhna; leanbh d'altromann bean nách lé féin, nó d'oileann fear nách é a athair; leanbh altruim. Éist liom, a dhalta, agus tóg cómhairle seanduine: a leinbh (a dhuine) a thaithnigheas liom (in impidhe lé cion). Tá an ceart agat-sa, a dhalta, (lé lághaicheacht taise): a buidheanach. "Gach dalta mar h-oiltear" (seanfhocal): "mac don gcat an piscín": "ní bhíonn an coileán ach mar bhíonn an chú": dréir mar tugtar teasc (olc nó maith) seadh bhíonn a thoradh. Budh cheart do mhúinteóiridhibh iad féin d'iomchar go cuibhe ós chómhair a ndaltaidhe: an dream a bhíos ag foghluim uatha: dámhthaigh, scoláiridhe. Gach aonne ag caoineadh a bháis, b'é dalta na hÉireann: cion na coitchiantachta. "An raibh neach in aonfheacht leat?" – "duine ná dalta": caonaidhe: namhaid ná cara. Mo dhalta lem chroidhe thu, 'sis oth liom gan faic agam duit lé linn do chruadhtain: ionmhuine.

damh: *f.1.* fireannach coillte bó, (aillbreith) duine beathuighthe, láidir. "Poll a' Daimh": leabaidh anncaire laistigh de bhéal Chuain an Daingin mar a ndeirtear gur báthadh damh dearg ón nDanmhairg. "Chómh láidir le damh": an-láidir. Bhítheas ag gabháil air gur shásuigheadar iad féin de, oiread a's rian níor fhágadair air, fulang a's neart an daimh ann: achmaoin daimh. Fuaireas marbhadh an daimh uatha (ón ualach, lá, mbreóidtigh nó aon rud iomardamhail): bualadh, traochadh, etc. Aon rud a bhíos idir lámhaibh aige cuireann marbhadh an daimh air: gheibheann an iomad dá dhuadh a's dá thuirse. Leig sé béic as mar leigfeadh damh: béic mhór, fhiadhain, láidir. Chonnac daimh riata i Mearaice ag treabhadh: daimh oibre. Nách é an damh é?: fear mórchorpach, téagartha. Tá damh ag déanamh díot: ag dul i bhfeólmhaire a's i méid.

damaint: *b.2.* daoradh síoraidhe ; cúradh. "Óir gidh b'é a itheas agus a ibheas go neamhiomchubhaidh itheann agus ibheann sé damaint do féin an t-am ná déineann sé eidirdhealugh chuirp an Tighearna: an tsíoraidheacht in ifreann. Caith uait an peann gan

mhaith san, ná bí ghod dhamaint féin leis: ghod chúradh féin d'iarraidh scríobhtha leis. Damaint cheart d'fheirmeóiridhibh dob eadh an sioc do theacht ar na prátaidhibh a's ar na meacanaibh: d'fhuilngeadar dá dheascaibh go mór. Is mó de dhamaint dom thu 'ná de chabhair: maith ar bith níl agat dhá dhéanamh dom. An daradha achrannach so, is mór an damaint é do réidhteach: is deacair foidhne do dhéanamh leis. Damaint ort! (eascuinghe): mallacht ort! Damaint duit (ort) é do bheith mar fhíné id choinnibh: dearbhóchaidh sé éitheach maidir lé fírinne. Damaint seadh mná!: mallacht d'aonne iad! Beidh mo dhamaint ort!: cuirfir amugha me.

damhalta: (*iol.*) scamaill troma, dhubha. Tháinig damhalta na hoidhche a's d'imthigh sé as mo radharc. Bhí an deireannaighe ag druideam linn, do bhí damhalta ag teacht thoir: comharaidhthe doircheachta.

damhán: *f.1.* feichide fadchosach a shnigheas líonradh as a thár. Nead damháin alla. Faill chómh géar a's ná féadfadh an damhán alla í do shiubhal .i. tagairt do chómhacht ghreamuighthe an damháin alla. Deirtear fén dtuaith gur maith an rud ar chosc fola gearrtha an nead. Bíonn sé ag obair ar nós an damháin alla: chómh dicheallach. Cá bhfuil an líomhthacht ná an réim siubhal ach siubhal damháin alla: mall, casta.

damanta: *a.r.* daortha chun na síoraidheachta; daortha, caillte; malluighthe urchóideach; mío-ádhmharach. "Más peaca bheith buidhe tá an saoghal damanta" (seanrádh): daor: cuid mhór bheith buidhe. Táim damanta agat ag lorg orm do shíor: clipighthe, cráidhte i slighe a's go gcuirir ag tabhairt mionn me. Obair dhamanta bheith ag obair i muileann cruaidhe ge teas a's allus: dian, dochraideach, marbhuightheach. Nách damanta an scéal é seo ar an bpáipéar go bhfuil an t-íoc fiche scilling fén bpúnt: uathbhásach: ródhian d'ualach ar lucht a dhíolta. Níor dhamanta mar ghnóth leis an alfraits úd bheith ag cur éithigh ort: budh bhreágh leis é: ní thaidhbhseóchadh urchóideach do. Sara ndeachas 'on chúirt in ao'chor bhí a fhios agam go mbeinn damanta: go mbeinn thíos leis. Duine damanta chun óil é, d'fhanfadh 'n-a shuidhe go bhfeiceadh bonn an bharaille: an diabhal air chuige. Ar thugais fé ndeara na súile damanta atá 'n-a cheann? ní maith an dóigh aon mheargó do dhéanamh air. Ghaibh cártaidhe damanta chugham, dá mbeinn ag imirt go Lá an Luain ní bhuadhfainn cluiche ná cúig: cartaidhe fuathmhara, gráineamhla.

damantach: *a.* Is damantaighe an t-árdán ar an dtaobh so de chnoc 'ná ar an dtaobh eile: is deacra, is déine. Níl aon tsín is damantaighe ar churadóireacht 'ná sioc: is measa: is díobhálaighe. Is damantaighe orm-sa 'ná ar an gcuid eile agaibh rámhaidheacht mar ná fuil agam ach drochmhaididhe: is duabhaiseamhla.

damhas: *f.1.* rinnce, do dhéanamh rinnce; súgradh, léimneach áthais. "Connus tá S.?" – "ag damhas": ar fheabhas: sláinteamhail: lán de cheól. Gabhaidh amach, a leanbhaidhe, ag damhas díbh féin: ag súgradh: 'gbhur n-aoibhneas féin. Síomaidhe galair dob eadh é as (a) óige, anois tá sé ag damhas an bháin: "ag caitheamh a thóna": lán de mhire a's de shláinte. Bheadh sé ag damhas tímcheall orm ag obair, a bhualadh níor teangbhaidh riamh orm: obair éadtrom do san obair dhuaidh dómh-sa. Ar an nglór atá ag teacht ón dtigh-sin tá damhas éigin ann: coinnimh nó cóisir nó rí-rá. Ól an deoch san a's cuirfidh sí ag damhas thu, táir leathta leis an bhfuacht orm: ag léimrigh: fuinneamh ionat. "Nuair

bhíonn an cat amuigh bíonn an luch ag damhas" (seanfhocal): ag rinnce (gan eagla). "Cuir uait an damhas" maoluigh ar an bhfuadar atá fút. Damhas seadh é: éirghe anáirde. Cuirfead-sa ó dhamhas tusa, is mór gur bh'fhearra dhuit fanacht i mbun do ghnótha 'ná bheith ag feamghal: cuirfead smacht ort: míneóchad thu. Na gamhna maidean tsamhraidh ag damhas ar na bántaibh: ag léimrigh a's ag súgradh le mire. Budh mhinic do cuireadh in iúil air baint siar ar a gcaitheadh sé, nó go stadfadh an damhas lá éigin: réim chaithte gan riaghail. Mhínigh an saoghal é, níl puinn damhais anois ann: scléip: tá bainte dá chleithidhibh: an ghaoth 'sa seól.

damhnughadh: *f.* (*-ighthe*) daoradh; cúradh, do dhaoradh; milleadh. Sé tá ghom dhamhnughadh i lár mo chroidhe istigh cad n-a thaobh oiread eadála do bheith aige ar a luighead arbhair: ghá chur dem thuigsint. Damhnughadh chughat! mara an me atá clipighthe agat lé tinneas mar fhiacail: mallacht ort! "An té a gheibheas bás i bpeaca marbhthach tuilleann sé damanta síoraidhe": cúradh nó pionós in ifreann. Ghod dhamhnughadh féin ataoi bheith ag cúlchainnt ar do cháirdibh: ag déanamh do dhíobhála féin.

damnuighim: *b.a.* daoraim chun cúrtha nó piolóide. Damnuigheann an droichineall atá sa ghluaisteán é: cuireann sé gan mhaith é. Damnuighthe ge tinneas fiacaile: mo mheabhair saoghalta bainte aige dhíom. Damnuighthe ge cáin: 'n-a ualach do-fhulaing ar dhaoinibh. Seo rún duit, ach ná bíodh sé den ndiabhal ort go ndamnófá me: go scéidhfeá orm gur me d'inns duit é.

damhsach: *a.* tugtha do gheáitsidhibh nó do gheamaidhibh nó do rinnce, súgrach, ceáfrach. Nách damhsach é an mionán ameasc na gcarraigeach: ag pocléimrigh ó shiolpa géar go siolpa géar. Lochtuigheann an chléir ógánaigh na tuaithe toisc iad bheith chómh damhsach agus hallaidhe rinnce do bheith aca i ngach ball den dtír: tugtha do shughchas. An madra go damhsach ar fuaid an ghuirt d'iarraidh beartha ar a earball: súgrach, meidhréiseach, i meanmain ghiréisigh: teasbamhail.

damhsuighim: *b.a.* ₇ *n-a.* léimim le teasbach nó in aithris rinnce; rinncim. Ní rinncfead, ní lugha dhéanfad ná dhamhsóchad: dhéanfad ceafráil nó geáitsidhe teasbaigh. Féach mar dhamhsuigheann an eascú fharraige i bpota na ngleamach d'iarraidh éaluighthe: mar lúbann, chasann, léimeann: mar thugann foghanna fiadhaine.

dán: *f.1.* triall; deó; deireadh; ceann spric; an rud atá "geallta" (dho) nó nách féidir do sheachaint. Sí an chroch a dhán (rádh) mura gcuireann uaidh na feádhanna atá fé: muna n-atharruigheann a bhearta mí-iomchair an sealán. "Dá fhaid é an lá sé dán na hoidhche teacht" (seanfhocal): níl dul ón mbás. Deirtear é le haon rud go mbíonn súil i bhfad leis agus a thárluigheas i ndeireadh dála. D'fhág Dia dall sinn ar an rud atá i ndán don duine: a thriall: na rudaidhe a thárluigheas do ar aistear a bheatha. "An té nách eól do snámh sé a dhán a bháthadh" (seanfhocal): crích bháis. "Nár bh'fhada ó bhaile bhí fód a bháis – sa bhFrainnc" – "sin é a bhí i ndán do" (seanfhocal): 'n-a chóir: an deo: an chrích dheireannach. "Sé do dhán" ars an breitheamh, "bás sa chroich as an gcoir ghráineamhail go bhfuairtheas daor innte thu: breith doscaoilte nách féidir do chur bunóscionn: íde bháis atá ceapuighthe dhuit ag an ndlighe. "Cad tá i ndán dom?" – "an diail mhuis!": ní

thárlóchaidh aonnidh maith ná cóir duit. “Áthas orm gur bhuadhais na mílte ar an gcrannchur” – “b’shin é mo dhán”: ádh a bhí im chóir. Gach aonne ’sa dhán féin: ádh ar dhuine a’s mí-ádh ar dhuine eile: crích áirighthe saoghalta nó bháis do gach nduine againn. Dá mb’é mo dhán bheith leathuairín eile níos luaithe: shaorfainn é: dá mbeadh d’ádh orm. “Abair (cas) amhrán” – “ní chasfad; níl ‘dán ná duain’ agam” (rádh): filidheacht de ghlanmheabhair ná guth a canta.

dána: *a. c.bh.* dáine, dánaighe, suimeanta, ceapuighthe: misneamhail, cródhach; éadtláth, neamheaglach; cráisteamhail; neamhnáireach; clódhchaiseach. Nách dána an t-éadan atá ort faic do lorg ar dhuine d’eitighis féin: nách neamhnáireach an gnóth é. “Is dána é gach madra i mbéal a dhorais féin” (seanfhocal): bíonn breis mhisnigh ge duine ina áit dhúthchais. Ní maith liom thu bheith dána ar an bhfarraige: bheith ró-éascaidh chun dul ’n-a treis nuair bhíonn sí garbh. “Ná bíodh aon lámh agat in aon rud leis, fág annsan é sin, gan a chead” – “beidh, is féidir liom déanamh dána air”: rud do dhéanamh air ná tógfaidh sé orm: bheith muinghineach ná tairngeóchad a mhíchéadfadh. Shaoileas go n-íosfadh an madra dána san agat me: dian. Ná sailigh an bórd, a leinbh, ná bí dána nó buailfear thu: míbhéasach: drochmhúinte. An aon mhaitheas dom bheith ag fógairt ort fanacht siar ón lasair, táir chómh dána le muic: neamhthoramhail: gan suim i lasair, ná i gcómhairle: ceanndáine. Is baoghalach ná géillfidh sé agus ná héisteóchaidh sé le cómhairle gan é do dhul chun dlighe. Tá sé dána: ceapuighthe ar dhul ar aghaidh: dochomhairlighthe: tolamhail. Budh dhána an mhaise dhuit duine d’eiteach nár eitigh thu: budh náireach, mífhearamhail an bheart é. Bím dána air, ná cuiridh aon nath in aon rud adeirim leis: brughaim muinnteardhas air. Bead dána asat má fhanair ón ól: beidh mo mhuinghin ar fad asat. Ná téighir ró-dhána ar an arán san, tá daoine eile seachas thusa ag brath air: ná hith breis de. Ní cás duit dul dána ar an gcarraig, tá uisce doimhin ’n-a tímcheall: dul in athchomhair di. Déin dána ar an dtigh seo, tá fáilte rómhat: bí buannamhail: ná bíodh faitchíos ort bheith ar nós aonne den líon tighe. Duine ró-dhána dóibh dob eadh é a’s ní scríobhfadh dóibh an rud a thaithneóchadh leó: neamhspleádhach: tolamhail. “Ná bí dána”: leig dom anois.

danadas: *f.1.* olcas, mío-ádh. “Connus tá S.?” – “an danadas do bheith air, níor fhág sé a leabaidh lé bliadhain”: dearóile: aindeise: iomard sláinte. Cé íosfadh an t-arán so? tá an danadas air: an-olc do. Danadas bídh go bhfuil na daoine chómh mílítheach san: boichte scabháird. Danadas an riaghaltais do chuir ortha éirghe agus a threascairt: olcas agus droichriaradh. Danadas t’fhiacal do dhrochghoile: iad bheith galarach.

dana: *a.* olc, bocht, mío-ádhmharach, aindeis, daibhir. Talamh dana ná tabharfadh aon toradh: gan scabhárd: bochtchréadhach. Is dana an cúrsa bheith gan tobac: is truagh. Leanbh dana é sin maidir lé béasaibh: budh dheacair a shárughadh d’fhagháil. An chuma dhana atá ar an aindeiseóir: truaighmhéileach. Ná beir chómh dana san ar an sriain: ná greamuigh cómh neamhaireach san í. Léan id bhuille dana: buille gan éifeacht. Is dana an chrích do chuiris ar an obair: dheinis “praiseach” di. “Dana! dana! dana!” éightear lé míoshástacht.

dánaidheacht: *b.3.* clódhchas, cráiste, misneach (tabhairt fé rud), cródhacht, dóigh gan deimhin, tósdalacht; neamheagla. Má dheineann dánaidheacht an gnóth dho tabharfaidh

fé bheith ’n-a Theachta Dála: iarracht do thabhairt gan breithniughadh cruinn ar dhul do bheith aige air, nó gan é bheith soiléir go bhfaghadh an tacaidheacht riachtanach, nó é do bheith soiléir ná raibh oireamhnach don ionad. Sin madra lághach, an dánaidheacht do dhéineann sé orm: ag brughadh a mhuinnteardhais orm. Cuid bheag ded dhánaidheacht mo bhróga do chur ort: cráiste, rud do dhéanamh gan chead, nó gan a fhios ar thaithneamhach liom é, a’s gur cuma leat ceaca. Bíd ag spochaireacht chainnte ar a chéile lé dánaidheacht: ag péacadh a chéile gan fonn ortha olc do theacht ortha d’aindeóin a gcarbhall. Bheadh sé i gcuideachtain choidhche gan neach ghá chlos – níl aon dánaidheacht ag baint leis: fonn a churtha féin in iúil. Beach seadh í, ní fhéadfá dánaidheacht do dhéanamh uirthe: sothógtha a’s nár bh’fhios duit ’n-a sheódh nó n-a dháiriríbh do mheasfadh sé cainnt gan ghuibh. Theangbhuigh a dhánaidheacht do: an iomad muinghine d’fháig amuigh é. Déanfad oiread dánaidheachta ort a’s go suidhfead id chuibhreann gan iarraidh: ní bheidh eagla éartha orm ’n-a thaobh.

danardha: *a.* fíochmhar, íogair, ródhian, cruadhálach, uathbhásach. Thréig sé gan chúis a bhean agus a mhac a’s budh dhanardha an rud gan oiread agus pingin dá shaidhbhreas do thabhairt dóibh: dochroidheach. Ní dhéanfá lé duine danardha gan cead bheith istigh ó dhrúcht nó spéire do thabhairt do: duine coigcríoch. An cogadh an rud is danardha a thagas ar an gcinidh daonna, ní bhíonn ’n-a dhiaidh ach brón, bascadh agus scrios: is uathbhásaighe: is tinne. Marbhadh danardha do thugadar do, é do tharrac i ndiaidh na gluaistrucallach ar an mbóthar: tinneasmhar, neamhthrócaireach, neamhdhaonna: allta, barbardha: neamhmhothálach.

danardhacht: *b.3.* neamhmothálacht, fíochmhaireacht, neamhthaise, bualadh, bascadh, ocras ag gabhann. An danardhacht do fuair na bráigheanna ós na seighléiridhibh: an déanamh gan taise. Danardhacht na dtighearnaidhe talmhan lé tromchiseannaibh a’s ceal cáirde do sheól ár muinntir tar lear: tíorántaidheacht: riaradh ansmachta.

dan-smacht: *b.3.* riaradh (nó comhacht) le neart, an iomad cómhachta (ar), déine ar an té bheadh fé chómhacht (ag). Faid bheidh bean an tighe ann beidh dan-smacht ann, ar chóisir ná rinnce ní leigfidh a clann inghean: cómhacht gan cuimse: dlighe a briathar órduighthe. Mara bhfuil dan-smacht ar na cléirigh aige, ag béicigh órduighthe ortha, ghá ngríosfadh chun breis oibre ’sag fagháil an uile locht ortha: riar mícheart, éagcórach gan motháilt don ndream atá fé.

daochán: *f.1.* fearg, fíoch, báine. Imthigheadh an daochán díot, bí foidhneach: cá bhfuil do chúis ar aonne: an fhearg. Duine dothuigse seadh é, an lá ná bíonn duairceas air bíonn daochán air: gan focal as tamall; tamall eile ar deargbhuile leis gach aonne.

daoi: *f.* (*iol.* –the) amadán, aimid; duine gan eolas; duine dúr. Ó cad déarfá lé daoi?: cad é an tsúil do bheadh agat lé n-a mhalairt sin d’fhreagair gan chrích ó dhuine gan eólas? “Ná mol a’s ná díomhol daoi mar ná fuil saoi gan locht” (seanfhocal): níl neach atá eólgaiseach nó maith a dhóthain chun urchair do thabhairt fé cách. “Ní gádh dhom-sa aon obair do dhéanamh, mairfead dhá ceal” – “budh leór dhom daoi ghá rádh”: ceann gan chiall gan mheabhair a déarfadh a lithéid. Daoi gan eólas a bhuail isteach annso chugham, a’s a scuir m’uaireadóir i leith a’s go bhféadfadh a cur le chéile airís: amadán corónta.

daoineach: *a.* líonmhar fé daoinibh nó fé lucht leanamhna. Is móide go n-éireóchaidh an toghadh leis, caithfidh sluaighte a nguth dho, tá sé daoineach sa cheanntar: coidreamhail: meas gen bpobal air. An tSín an dúthaigh is daoinighe sa domhan, níl aon áireamh ar a bhfuil innte: is mó fé dhaoine. Níl aon tigh eile ann dár gcinidh anois ach sinne, cé go rabhadar daoineach go maith tamall ann, chloisinn go raibh lán dhá bhaile ann díobh: iomadamhail.

daoirbheart: (**daorbheart**) *b.3.* cruadhchás; gníomh suarach. Nuair budh chruaidhe mo dhaorbhearta 'ná anois buidheach 'o Dhia – aithnigheadh cara na fuascalta: deacracht, docamhlacht, teannta, cumhainge. Tréis muinnteardhais fiche bliadhan gan adhbhar chas sé im choinnibh agus lé n-a dhaorbheart dhein mo dhíobháil: beart fealla. Daoirbheart orm seadh céad púnt do thabhairt duit, mar beidh orm a leath do thógaint ar cáirde, ach ó táir 'n-a ghanntar raghad thar mo riocht: cúram dóchasach: is "ar a tharrac atá sé agam".

daoirbhreith: (**daorbhreith**) *b.2.* breitheamhnas cionntach, breith dhian. A Thighearna, tríd thrócaire a's as ucht do bháis ná tabhair daoirbhreith orainn ach beir saor sinn go ríoghacht do ghlóire: ná faigh cionntach sinn a bhéarfadh daoirbhreith shíoraidhe dhúinn. Tugadh daoirbhreith air i marbhadh, crochfar i gcionn mí, gan moladh ná trócaire dho: breith gur b'é a dhein an gníomh agus an cúradh a théigheas leis.

daoircheist: (**daorcheist**) *b.2.* deacracht, iomard, cúrsa deacair. Daoircheist d'fheirmeóiridhibh bochta síol do cheannach nuair chailleadar a gcuid féin leis an sioc: cúrsa gur deacair a réidhteach. Theip sé ar fhaidhb amháin, daoircheist éigin a chuaidh dá ghéire: ceist ródheacair dá eolas.

daoirchíos: (**daorchíos**) *f.3.* cíos marbhthach, peanaideach, piolóideach, dosheasuighthe. Chlíp na tighearnaidhe talmhan an croidhe ges na daoinibh lé daoirchíos nár bh'fhéidir do bhaint as thoradh na talmhan: cíos tar meón. An bhuannacht, dar leis, atá aige orm, budh dhóigh leat gur daoirchíos a bheadh aige orm: go mbeinn n-a lúib a's gan me i ndán díolta cíosa.

daoire: *b.4.* costaiseamhalacht (costaiseacht); mórluachmhaireacht; gainne agus luach árd do bheith ag baint le; déine, (measa). Ná téighir chun daoire orm a's ceannóchad an tigh 'sa gnóth uait: ná léim go hárd i luach. Daoire an éadaigh do choisc me ar a cheannach mar thaithnigh sé liom: aoirde luacha. Breis na gceannuightheóiridhe chuireann chun daoire aon tseift margaidh: a árduigheas luach. Daoire na bliadhna so a chlaoidhfidh daoine: gainne beatha a's luach mór dá réir. "Thugas dhá phúnt ar na brógaibh sin" – "is ar a ndaoire": is mó is mór an luach, nó a bhfiacha: táid ródhaor d'adhbhar. Tá an diabhal le daoire (damanta lé) ortha mar thighthibh ósda – púnt so ló go n-oidhche: iomad costais ionta. éadaighe dá dhaoire - culaitheanna fiche púnt, casóga clúimh trí chéad púnt – do chaitheann sí: is aoirde luach. Cad dob áil leat-sa ag cnáimhseán, nách mó atá a chúis agam-sa nách mó a daoire dhómh-sa é 'ná duit-se: nách mó a chosain sé orm: a bhíos siar aige.

daoireacht: *b.3.* luach mór, costas mór, árd; dochraide(acht). Ná cuireadh daoireacht na h-earra ort, ó tá a luach innte: a fiacha ós fiú í é. Daoireacht an turus-seo a's gan an t-aonachas agam do choimeád ag baile me: an cumas chun íoctha as gan bheith agam.

daoirmheas: (**daormheas**) *f.3.* corp dímheasa; táir amach agus amach, meas madra. Bheannuigheas do uair, dhá uair ach le daoirmheas orm níor leig air go bhfeacaidh me nuair theastuigheas uaidh: meas íochtaráin: beagmheas: loirgeas lasán air. Lé daoirmheas chaith sé orm é: meas táir.

daoirse: *b.4.* dáil bheith fé smacht aindeónach, dáil bheith fé thoil dhuine eile; sclábhaidheacht; gruaim, brón; gníomh ceapuighthe lé déanamh gan teip nó in aimsir áirighthe. Cad é an daoirse atá ort, ná fuil do chuma féin ná cuma aonne eile ort?: buaidhreamh aigne nó tromualach atá rómhat. Imthigheadh an daoirse dot aigne, luigh linn, ól a's bí scléipeach: ísle bhrighe: duairceas: tromaidheacht aigne: míodhóchas; dúire inntine. Daoirse airgid atá ag teacht liom, níl breith ar scilling agam le haoibhneas do bhaint aiste: teirce, gannchúis. Beirtí gormáin ón Áfraic dá n-aindeóin agus díoltí i Mearaice iad mar a mbídís i ndaoirse ge n-a lucht adhmanais: ar a dtoil pé cúram nó gnóth do dhéanamh dóibh go toileanach nó go neamhthoilteanach. Cad tá in aon dúthaigh go bhfuil luach mór ar an gceannuighteóireacht, císeanna troma a's cáin árd, ach daoirse: leathtrom éagcórach; lámh láidir.

daoirsighim: *b.a. ⁊ n-a.* éirighim i luach. Daoirsigheann an ghannchúis an luach: caithte ar bhreis do thabhairt ar an nidh ná bíonn flúirseach: téigheann sé breis 'n-a cheannach. B'fhearr ceannach anois faid agus tá nidhthe saor, daoirseóchaid má thagann an cogadh: éireóchaid i luach. Toisc meathta na cruithneachta anuiridh is daoirsighthe an plúr ambliadhna: daoire: árduighthe i luach. Taithighe ar an ngainne a dhaoirsigheas luach na flúirse: a chuireas meas uirthe.

daoirsiughadh: *f.* (*-ighthe*) do chur i ndaoire; méadughadh luacha; breisiughadh. An oiread cléireach do bheith lé h-íoc a's gabháil tríd an siopa is bun le daoirsiughadh earraidhe aige: árdughadh luacha. Daoirsiughadh ar a maitheasaidhibh eile a hóige: méadughadh: cuireann a hóige breis mhaise uirthe.

daoiste: *f.4.* cóbach, cábóg, staga duine; duine coimhtheach, dadhaiceach, tuathalán(ach). Is tarcuisne leis obair, deir sé gur don ndaoiste do ceapadh í: duine leibideach ná féadfadh faic do dhéanamh lé n-a inchinn. Daoiste domhaitheasach gan carthain, gan sochroidheacht: duine doranna gur deacair dul 'n-a threó lé hionchas comaoine uaidh. Ghaibh an daoiste 'n-a ghluaisteán tharm agus mise im chois a's níor thairg síob dom: duine neamhshíthbhialta, neamhchainnteach, gan comaoin ná maith ar a láimh. Ón lá chuadhas i gconntabhairt mo chaillte ghá saoradh ó bháthadh níor thug an daoiste oiread a's focal cainnte dhom: duine drochmhúinte: gan é sa smior aige a bhuidheachas do chur in iúil. Cá bhfios don ndaoiste sin connus cloch shaoirseacht do chur: tuathalán: duine gan eólas. An gaige 'n-a óige an daoiste n-a sheanaois: scléipeamhail ar mbeith óg, dadhaiceach, neamhcoidreamhail ar mbeith aosta.

daoisteach: *a.* neamhshíthbhialta, doichilleach (daoitheamhail). Líon tighe dhaoisteach iad, is beag duine a bhíos isteach ná amach chúcha: neamhfháilteamhail. Gach aon tsnap aige orm, an rud daoisteach: duine ná féadfadh bheith mín, miochair.

daol: *f.1.* feithide go mbíonn cosa tosaigh ar nós adharc air; ealaing, locht. É n-a dhaol ar ceann búird: gan focal den gcainnt as. "Chómh dubh le daol" (rádh): ciardhubh. Níor mheasa liom an daol dubh do bhualadh liom 'ná é, b'ionann liom iad: an diabhal. Nead an daoil it scórnaigh! (eascuinghe): go raibh na piastaidhe ghod itheadh sa chré. Folt chómh dubh lé scéith an daoil uirthe: an taobh amuigh den sciathán. Gealfaidh an aithrighe do dhaola: peacaidhe, lochtaidhe.

daoldath: *f.3.* dath ciardhubh; dath na ciaróige. Ní misneamhail liom an crot daoldath atá ar t'íoghar: cuma an-dhubh ar líomadh do cheannaghtha. M'anam ar dhaoldath ge méid mo pheacaidhe: chómh dubh (damanta) a's b'fhéidir do bheith. "Is fearr daol a loscadh ná Aoine throscaidh" (seanfhocal).

daon: *f. n-dh.* duine, caonaidhe. Ní chómhnuigheann duine ná daon 'n-a fhochair san gcúil iarthair úd: bíonn in a uath a's n-a aonar. Ní labharfaidh duine ná daon choidhche airís leat: séanfaidh an uile chríosdaidhe thu. "An bhfuil clann ortha?" – "duine ná daon". Ná fuil aon daon leat?: neach in ao'chor.

daonna: *a. n-dh.* carthanach, mothalach, flaitheamhail, fáilteach; sochlaon don mbás; tréithe an duine do bheith ag baint leis an nduine. Colann daonna. Do ghlac Mac Dé colann daonna fé bhroinn na Maighdine Muire d'fhonn na cineadh daonna do shaoradh ó dhamaint shíoraidhe: corp an duine, d'fhonn saortha chách, etc.: a dtiocfaidh a's a dtáinig. Deirim go bhfeaca sé samhladha éigin agus nár dhuine daonna é ach an oiread: gur samhladha taidhbhse nó spiride é. Bí daonna, tabhair i gcarthanacht: bí fial. Bí daon, ná goirtigh ainmhidhe aingciallda: bíodh truagh ionat. "Fear maith carthanach seadh é" – "ní fearr ar an gcinidh daonna é!": is deacair a shárughadh.

daonnacht: *b.3.* an daonaicneadh; nádúir an duine, caradacht, síol Éabha a's Ádhamh, taise, séimhe, ceannsacht. Dá mbeadh aon daonnacht ionat ní bheidhfeá annsan id dhaoiste ag amharc ar an bhfear san a's marbhadh an daimh dhá fhagháil aige: taise is dúthchas don nduine a chómhartuigheas é ón ainmhidhe. "Is oth liom", ars an giúistís, "ná fuil sé ar mo chumas tuille braighdeanais do ghearradh ort mar chúradh id choir gan daonnacht": coir a deineadh lé toil mheanmnaigh. Daonnacht agus diadhacht ár Slánuightheóra Íosa Críost. Neart a dhaonnachta nár leig lámh an iarratais follamh riamh: carthain a's ceannsacht, mórchroidheacht. "Cuirim me féin fé choimirice do dhaonnachta", ars an bráighe leis an mbreitheamh: fágaim fé thrócaire do thaise me féin. "Níor scar an daonnacht riamh leat": deirtear i dtaobh dhuine a dheineas beart fhlaitheamhail.

daonnachtamhail: (**daonnachtach**) *a.* trócaireach, fial, ceannsa, tais, duineanda, claon ar thruagh, maothchroidheach, bogchroidheach. Dar linne gur bás neamh-dhaonnachtamhail an ceann do scriosadh de dhuine: bás barbardha. Luigheaduigh an breitheamh an bhreith le cheithre bliadhnaibh, budh dhaonnachtamhail an gníomh aige é:

truaighmhéileach. Budh dhaonnachtamhla liom me do lámhach ná do chrochadh: is mó bheadh cuma ghnímh córach an duine air. Croidhe daonnachtamhail ná fuilngeóchadh leathtrom ar aonne: croidhe go mbeadh truagh don ndearóil ann.

daonnaidhe: *f.4.* daon. Gan chabhair gan chóngnamh ó dhuine ná daonnaidhe: gan a luighead cabhartha, gan neach 'n-a thímcheall gur ghoill a chúrsa air. Ar bh'iongadh uaigneas do bheith air gan duine ná daonnaidhe chuige ná uaidh in iargcúlacht an tsléibhe: neach beo ar bith.

daonnaidhe: *a. n-dh.* ag baint leis an nduine, cneasta, miochair, deagh-aigeanta. Is neamhdhaonnaidhe an rud drochdhéanamh do thabhairt do dhuine nó d'ainmhidhe go mbíonn cómhacht agat air. Grádh do cách a's deaghthoil is daonnaidhe an rud é: cneasta, críostamhail.

daor: *a.* costaiseach, costaiseamhail, dian, coir do bheith ar dhuine, nó cúradh na dlighe do bheith air dá chionn, ar aiste saoirse do bheith caillte ag duine. "Go rabhad daor ge Dia" má bhí aon bhaint agam leis an mbeart so (rádh) nó "go rabhad daor ar an bhfód go bhfuilim" etc.: ná raibh aon dul as agam me féin do shaoradh ná eile. Ní maith an chuma atá air, is baoghalach go bhfuil sé daor (ag an mbás). Tugadh daor i mbás an fhir é a's chaith sé díol as lé n-a anam .i. i súilibh na dlighe bhí sé cionntach. "Níor roinn sé pioc ar a raibh tímcheall air" – "ní dhaorfainn annsan é": ní lochtóchainn. B'éigean do trí córacha iomchair do thógaint in aon lá amháin, dá thagairt duit go raibh a thurus daor go leór air: costaiseach. Nár dhaor an oidhche í ge mnaoi a chaill a fear 'sa clann trí theine: dian: brónach. "Cad thugais ar na brógaibh sin?" – "púnt" – "tá siad daor docht a ndóthain": an-chostaiseach. Is fada go ndeaghaidh an seanbhád san ar an bhfarraige mar is fada daor í: breith tugtha uirthe ná fuil intseólta. Ní bhfaghfá aon urradhas as luing a caillfí sa chuan san, tá sé daor: measta. I ndeireadh na dála is í an earra is daoire is fearr (rádh). Dá mbeirtí ar dhuine ag goid déarfí leis, "táir daor agam anois" .i. má scéidhim nó má dhearbhuighim ós chómhair na dlighe ort gheóbhfar cionntach thu. Dá mbeadh duine d'iarraidh ganfhiosaidheacht nó rud i nganfhios do dhéanamh agus go scéidheann rud éigin air dá aindeóin déarfadh sé "táim daor anois nó riamh ag etc." Ag imirt chártaidhe agus muinghin do bheith ag duine as chárta maith aige agus go mbuailtear san gan choinne, deirtear: "táim daor agat, a bhuachaill": á, ní raibh dul as agam dá fhaid a bhí ag rith liom.

daorbhás: *f.1.* bás dian nó gráineamhail. Dóghadh n-a luaithreán iad, nách iad do fuair an daorbhás gan chead teicheadh lé n-a n-anam aca: bás gráineamhail. Chaith sé i bhfad fé thinneas ag lucht a chúrtha a chuireadh ag scréachaigh é, nách é fuair an daorbhás uatha: dian neamhdhaonna.

daorbhocht: *a.* bocht amach 'samach, fíorbhocht, bocht "ar gach cuma go maidean". B'shin í an drochaimsir gan d'annlann ag daoinibh daorbhocht ach an práta beag leis an bpráta mór: an-olc le heasbhaidh.

daorbhacach: *a.* chómh bacach san ná féadfadh an duine nó an t-ainmhidhe a ghnáthobair do dhéanamh gan fulang. Tréis na hósbairte a fuair sé a's é óg bhí sé daorbhacach go deireadh a shaoghail: síorbhacach.

daorbhacaighe: *b.4.* bacaighe de dhruim ósbairte nó tinnis. Leanann daorbhacaighe go minic dathacha: bacaighe gur duadh siubhal aice.

daoradh: *f.* (*-rtha*) d'fhagháil locht; do thabhairt cionntach i gcóir nó i gcúisiughadh. Bíonn gach aonne i mullach an chinn air, ní bhead-sa ghá dhaoradh: ghá lochtughadh mar chách. Níor mhaith liom t'aigne do bheith agam ag daoradh gach aonne: do chur rudaidhe i leith an uile dhuine go n-osclair do bhéal air. Ní h-aon daoradh air i dtaobh Gaedhilge gan bheith i ndán í do léigheamh ná do scríobh: ní cruthughadh é a ceal do bheith air. A's é dhá dhaoradh chun a bháis d'fhiafruigh an breitheamh de an raibh aon rud lé rádh aige i bhfeighil nár cóir breith bháis do thabhairt air. Orm-sa atá do shaoradh nó do dhaoradh: tá sé de chómhacht agam mo rogha rud do dhéanamh leat. Tá an máille sin ag daoradh na coda eile agus is éigean a bhaint amach chun an innill do rith i gceart: máille amháin ag déanamh díobhála na maillidhe eile.

daoraim: *b.a.* lochtuighim, tugaim breith chionntach ar. A Dhia Mhóir ná daor sinn 'n-ár ndrochchorthaibh: ná tabhair breith cionntach orainn. Daoradh é i mbás an gharsúna: dréir na dlighe fuairtheas cionntach é sa choir agus tugadh breith dá réir air. Daoradh ar bheagán i ngadaidheacht é: is beag an méid fiadhnaise a bhí 'n-a choinnibh. Ná daor me lém mhnaoi go bhfeacaís ag ól me: ná scéidh orm. "Nár dhaoraidh Dia sinn: is minic a daoradh duine san éagcóir" (rádh) .i. ag tagairt do rud éigin gur dh'fhóbair go bhfaghfaí duine ionraic cionntach ann.

daorbhroid: *b.2.* dianbhraighdeanas, diancheal, dainghábhadh; draip mhór; mórdheabhadh teannta airgid. Thug Éire na céadta bliadhan i ndaorbhroid ag Sasana gan lámh ná ladhar aice i ndlighthibh do cuireadh dá haindeóin uirthe: fé smacht gur fhulaing sí go dian a's go cráidhte as. Droichbhliadhain eile ar a nós so ar thoradh na talmhan a's beidh na daoine i ndaorbhroid bídh: ceal a's easbaidh ortha. Gan pioc cabhartha ó aonne agus iomad oibre air cuireadh daorbhroid air í do chríochnughadh in aimsir áirighthe: cúram trom a choimeádfadh ar siubhal gan sos ná stad é. Fiacha orm, iarratas cána agus cíosa – d'iarraidh teacht suas leo tá daorbhroid airgid orm: éileamh dhá dhéanamh orm ná féadfainn do chúiteamh. Cad í an daorbhroid seo ort go bhfuilir ag rith i ndeireadh an anama?: deithineas agus mórdheabhadh. Chaith sé an oidhche i ndaorbhroid a anama ar chile an bháid: i gconntabhairt ón nóimint go dtín uair go mbáidhfí é.

daorghalar: *f.1.* galar gur minicighe 'ná eile go bhfaightear bás leis. Tá an grádh 'n-a dhaorghalar air!: is baoghalach gur tinn do é sa deireadh. Daorghalar ar na cómhachtaibh móra fé láthair an dúil dhiamhair atá ortha chun cogaidh: galar fada gur cosamhail ná fuil aon teacht uaidh.

daoscar: *f.1.* drochfhuighleach; an chóip; deascain; dríodar leanna; moirt. Ní fhéadfainn an daoscar a bhí ar bhun na gloinne d'ól: an mhoirt. Ar an aonach bhailigh daoscar

tuinncéiridhe ar an seanchapall a bhí dhá dhíol agam: an chóip: sluagh clamparach de dhaoinibh suaracha.

daorsmacht: *f.3.* smacht nó cómhacht dhian, íogair; cosc ar shaoirse an duine. Ná tuigtear duit go bhfuilim-se fé dhaorsmacht agat go gcaithfead bheith im mhaidrín lathaighe agat chun do thoil do dhéanamh: bheith ar aiste chomanndracht: feadhmanais do thabhairt. Sara dtugair fínéacht uait tabhair fé ndeara daorsmacht do mhóide: an dualgas dian – an fhírinne d'innsint – a leanas móid ar chlár na mionn. An oiread san daorsmachta ag Eilís Rís ar a treontaidhthibh go gcaithidís a cuid oibre sin do dhéanamh sara gcuiridís lámh chun a gcoda féin.

dar: *r.f.* i dtreise cainnte. Dar mo bhriathar móide, mhuis, pé locht do gheibhtear ar an dtír seo nách í is measa aca: deirim san go láidir. Dar mo choinnsias, níor chuireas aon chruisteach ar aon rud a bhaineas leat: is ionann san agus a rádh gur b'í an fhírinne ghlan í. Dar go deimhin duit dá bhféadainn cabhair do thabhairt dhuit, dhéanfainn sin, ionann agus a rádh gur bhreágh liom é do bheith ar mo chumas. Dar Dia, mhuis, dá mhéid é a mheas air féin b'fhéidir go maolófí fós é: ionann agus, bíodh foidhne agaibh, etc. "Seadh, tá an uile rud a bhí uait agam duit" – "dar fiadh": iongadh agus áthas. Dar an leabhar breac! má gheibhim greim air agus a bhfuil de chúis agam air brisfead cnámh a dhroma .i. dearbhadh fiochmhar. "Dar so súd", ar seisean, "go mbead réidh leis an gcladhaire": bagairt ag cur eagla amach. Dar m'anam 'on diabhal go sádhfad thu! (go bhfuil an ceart agat, gur fearr d'fhear me ná thu, etc.): (níl an dearbhadh so chómh híogair agus tá cuma air). Dar a maireann (beó) sin é chughainn an té a bhí uaim (gan choinne leis). Dar a maireann (beó)! is dóigh liom go n-aithnighim thu. (I gcómhnaidhe an dearbhadh so lé linn iongadh). Dar fiadh! ní bhruicfead a thuilleadh léd chleithmhagadh: meádhann san deireadh na foidhne bheith caithte. Dar fiadh! sé a dhéanamh é gan oiread agus focal do labhairt liom .i. cad is bun leis budh mhaith liom a fhios do bheith agam. "Dar fiadh!", ars an té a fuair cuireadh ón Uachtarán: lé hiongadh dob eadh é.

daraighe: *a.* de dhair. Gheobhadh an feileshneachtadh de dhruim an chnuic isteach trí chlár daraighe .i. leis an bhfuinneamh a bhí fé agus a chruadhacht. Dá mbeinn chómh folláin lé clár daraighe ní fhéadfainn gan breóidhteacht d'fhagháil as an ndroichíde ar fad a rug orm: cruadhacht agus dochaithteacht.

darbhdaol: (**deargdaol**) ciaróg fhada dhearg a árduigheas a earball ar chlos glóir do. Creideann lucht na tuaithe gur b'é sceidh ar ár Slánuightheóir; uime sin tugaid bás obann do.

dá ríre: dearbhthacht, díoghrais. An bhfuilir i ndá ríribh nó an ag magadh taoi ná faghad do chead?: ar inntin go dearbhtha. Bíonn beirt ag gleáchas lé n-a chéile gan aon olc ortha, agus ar chuma éigin goineann duine aca an duine eile a chúitigheas a bhuille leis agus troidid i ndá ríribh, deirtear annsan an seanfhocal, "is minic a thagann an magadh go leabaidh an dá ríre" .i. an rud ná cuirtear puinn suime ar dtúis ann lé n-a neamhthábhacht, i ndeireadh dála bíonn sé chómh géibhinneach san go gcaithtear a thabhairt fé ndeara, agus b'fhéidir ródhéidheanach. Bhí sé dá ríre nuair dubhairt sé go dtiocfadh sé: ar lánaigne. Ach thu sé uaidh lé croidhe dá ríre: go lánchroidheach, gan doicheall. "Dá

ríre?" .i. an fíor san? Idir mhagadh agus dhá ríre dho creid me leis go mbíonn a fhios aige cad bhíonn ar siubhal aige: pé meas atá agat air, olc nó maith.

dásach: *a.* fíochmhar, fíordhána, ceanndáine, fraochmhar, borb. Cé nár bhfear láidir é agus go raibh a fhios aige ná beadh sé maith a dhóthain dá chómhsparnaidhe, thug sé fé go dásach: neamheaglach, dána. Chuirfeadh gach aon uain dhásach farraige ag briseadh ar bhórd na luinge crithniughadh croidhe ort: uanacha móra, árda ag gluaiseacht lé huathbhás nirt. Garsún dásach é sin, ní chuirfeadh fear i ndiaidh a chúil é: foirtil, misneamhail. Tuigfir gach aon rud ach breith fada air agus gan bheith chómh dásach san a's na héisteófá lé cómhairle: ceannuaiscneach, neamhfhaidteadhlach.

dásach: *f.1.* duine neamhfhoidhneach ná faghfá lé cómhairleach. Dásach go gcuirfeadh an rud budh lugha ar domhan lé feirg a's fiadhantas é. Duine ciúin macánta go ndéineann deocha mearbhaill dásach ar a chosaibh de, annsan seachantar é: duine ná fanann cómhacht a bheart aige.

dásacht: *b.3.* dáine, neamheaglacht, fíochmhaireacht, báine. Thug sé fúm leis an sciain lé dásacht gur iompuigh an lí ionam roimis: lán de bhuile agus d'fhonn mo dhíobhála. Cé gur cuireadh an díorma i ndiaidh a gcúil airís agus airís eile, gach uair aca d'ionnsaigheadar a namhaid lé dásacht: gan eagla, go cródha. Cuireann sé dásacht ar Shasana agus ar an bhFrainnc an tslighe atá an Ghearmáin ag éirghe lastuas díobh: buile: músclann sé fearg, eagla, agus éad ionta. Ní leómhfadh neach, beag ná mór, dul i ngoire an tighe gen madra fartha, lé n-a dhásacht, mar stracfadh sé as a chéile duine: malluightheacht, alltacht: budh dheacair do dhuine é féin do chosaint air. Síos an tsráid leis, ropaire scine 'n-a láimh aige, ag béicigh 'sag bagairt le dásacht, ag scaipeadh na ndaoine ar gach taobh de: é ar nós an ainmhidhe allta, chómh mór san ar buile gur chuma leis cad é an díobháil do dhéanfadh sé. Chuir an deoch ar dásacht é, gur mhairbh sé a bhean 'sa clann lé tuaigh: ar míriar incheann ar fad, ar fad.

dásachtach: *a.* buileamhail, neamheaglach, fíochmhar, dána, clódhchaiseach. An tráth san do bhí na daoine dásachtach, mar bhí iomchogadh ar siubhal agus dheinidís bearta ná déanfaidís in aimsir chosamhail: borb-bhuileamhail. Duine dásachtach ná cuirfeadh faic sa tsaoghal eagla ná faitchíos air: budh dheacair é do chur i ndiaidh a chúil. An míle lá thagadh madraidhe dásachtacha ag itheadh corp na saighdiúiridhe marbha, agus ní leómhfadh aonne dul 'n-a ngoire ná 'n-a ngaor: iad fiadhain glan go n-ionnsóchaidís aonne a chuirfeadh isteach ortha. Ó mhullach an chrainn i lár na forghaise d'fhair sé an troid dhásachtach idir an nathair nimhe agus an leomhan: troid go raibh fiadhantas, fíochmhaireacht, dánaidheacht is neamheaglacht.

dath: *f.3.* néal, deallramh, tréith nó cáilidheacht ruda a chuireas é féin in iúil ar shians gné nó a dheallramh don súil mar dearg, bán, dubh, etc. "An rugais ar aon iasc sa loch san?" – "a dhath": faic. Níl dath tréis do shaoghail agat, is olc do chuiris é: gan faic do bheith i dtaisce aige i gcóir an lae chruaidh. "Nách mílítheach an chuma atá ar an bhfear san" – "seadh, ní fheaca a dhath ar luath ná ar lathaigh riamh". Is an-olc an dath a bhíos ortha san agus dá olcas é is measa dath an fhir seo. Chuala scéal gach nduine agaibh agus níl aon dath ar aon cheann aca: gan fuaimeant, gan chosamhlacht go dtárla, gan beag ná a

mhór d'fhírinne ionta etc. "Níl aon dath ort", deirtear le duine ná deineann rud i gceart, go dteipeann air nó ná bíonn cuma air a thaithneóchadh leat. Níl dath ná deallramh ort: níl aon mhaith ionat: ní misde milleán do bheith ort. "Tá an lá indiu glas" – "ní fheadar cad é an dath atá air ach tá sé fuar!" (deismireacht). An té ná tugann aire dá chuid éadaigh agus a chaitheas éadach shaoire lá oibre, "táid ar dhath a chéile anois agat", deirtear leis. Cad tá ag teacht ort lé déidheanaigh, ní thaidhbhsighir ar fóghnamh, tá dath na húire ort: drochdhath. Bhrisfeadh sé croidhe aonne, tá sé ar lorg rud éigin a's gan fios a dhatha aige!: ní fhéadfadh cunntas a thuairisce do thabhairt duit. Budh cheart duit dul i gcómhairle dochtúra, níl do dhath féin ná dath aonne eile ort: drochdhath ort. "An dath": leasainm ar dhuine coirtighthe dubh ar a cheannaghthaibh. Duine dásachtach nár dhein aon dath (ar an saoghal) ach me do bhualadh idir an dá shúil chómh luath a's chonnaic sé me: gan focal do labhairt, gan fógra do thabhairt dom. Tá an dath ag teacht ar an dtalamh: tá glaise ag teacht ann. Is mithid duit in aois t'fhiche bliadhan duit dath éigin do bheith ag teacht ort: adhar do bheatha do bheith follas as do bheartaibh. "Ar cuireadh príosún air"; "Ar goirtigheadh é nuair bhuail an capall é?" etc.? – "níor imthigh dath air": níor deineadh aon mháchail do. Cad é an dath atá ar an oidhche?: cuma, deallramh. ...air ach dath an chacha i g... 'e chuideachtain: dath gránda, buidhe. Dar an leabhar breac! bhíos ag cur dathanna dhíom lé heagla: na dathanna ag atharrughadh im ghné. D'éirigh a dath lé támáilteacht: tháinig luisne innte. Ní raibh aon dath orm nár ghlac an áit, is fiú na mílte indiu é: aon mhaith ionam. Ó! an diail dath a bhí air ach mar shaoghaluigh a mháthair é!: nochtuighthe gan éadach.

dathach: *a.* go soiléir i ndath. Bean ruadh-dhathach seadh í ná dearmhadfá choidhche airís a folt: is é dath a fuilt is mó a leanfadh id chuimhne. Bíonn aol bán-dhathach: bán go soiléir. Cuir a thuilleadh coirte sa choire tá sí rólag agus ní bheadh an líon dathach a dhóthain: soileasta: ní bheadh a chion air chun datha oireamhnaigh do thabhairt.

dathacha: (*iol.*) saghas ait tinneasmhar siubhalóideach, uaireannta sa matánaibh, uaireannta tímcheall na n-alt, agus uaireannta eile istigh sa haltaibh féin.

dathamhail: *a.* áluinn, deaghdheallramhtach, sciamhach, taithneamhach. Tír níos dathamhla 'ná tír na hÉireann budh dheacair d'fhagháil: i ndeallramh is i gcrot níos aoibhinne. B'fhéidir gur dhathamhla Máire, ach budh bhreághtha Cáit: maidir lé dath a snuadha, is mó thaithneóchadh sí leat, ach i ndéanamh 'si gcóraidheacht bhí an chraobh ag Cait. "Buachaill dathamhail seadh é má tá aon mhaith eile ann" – "an deabhall a bhfuil, mhuis! díomhaoin mar is gnáthach lé n-a lithéid": taithneamhach don súil ach sin uile. Ní dathamhail liom mar ghníomh an rud náireach atá déanta agat: ní maith.

dathamhlacht: *b.3.* deallramh maith, breághthacht. Taithnigheann dathamhlacht na háite seo lé coigcríochaibh, sin é fáth go mbíonn oiread gluaistínidhe againn ann sa tsamhradh tar lear: áilne: a dhéanamh, a líomadh, agus an dath atá air. Stadadh na daoine chun dathamhlacht a cheannaghtha do thabhairt fé ndeara: an taithneamhacht súl féachaint air. Dá n-imthigheadh cuid den airgead d'imtheóchadh cuid den ndathamhlacht .i. ní h-ar bhreághthacht an duine do bhí an cion ach ar an rud a bhí aige.

dathannach: *a.* saidhbhir i ndath, mórchuid dath i rud. "Is annamh riamh", ars an Púncán gormán ná go mbeadh léine dhathannach air: mórán síog ar mhalairt dath innti. B'fhiú dhuit bheith ar Cheann Sraithe lé buidhiughadh gréine, is annsan do chídhfeá an spéir dhathannach a thógfadh do chroidhe: go mbeadh mórchuid dáth áluinn innte.

dathghlan: *a.* taithneamhach. Tá clúid an leabhair dathghlan: an dath léir air.

dathughadh: *f.* (*-uighthe*) dath nó lí do chur; an dath is mian lé h-imirtheóir do chur ar chártaidhibh; cárta gur b'é dath an "chárta cinn" é do chaitheamh amach; smearadh dubh bróg; liathadh (bainne) an té. Chaitheamair an té d'ól dubh, ní raibh aon dathughadh againn do: an bainne (uachtar). "Níl a dhathughadh agam", ars an t-imirtheóir gur aige bhí tabhairt: dath an chárta a bhí ar barra. Ní imreóchad a thuilleadh ar an mbórd so, tá calaois dhá dhéanamh gach aon nóimint orm, tá dathughadh agaibh, bíonn máidhte agaibh mar is maith libh é: tá sé de chómhacht agaibh na cártaidhe d'atharrughadh i ndath chun bhur dtola. Cuir dathughadh ar do bhrógaibh ag dul ameasc na ndaoine dhuit: cuir smearadh a's gléas fútha. Beimíd ag dathughadh an tighe i gcóir na Cásca: ag cur aoil nó gaiste (péinte!) fés na falladhaibh. Ná bí ag dathughadh do chuid bréag, is ró-léir gur b'é an t-éitheach atá agat: d'iarraidh an dubh do chur 'n-a gheal: d'iarraidh slachta do chur ar a scéal chun a shaortha féin. Thugamair tamall maith ghár ndathughadh féin d'fhonn a's ná h-aithneófí sinn ar an mbainis: ghár gcur féin i mbréigriocht lé smearadh ceannaghtha etc.

dathughchán: *f.1.* an rud do cuirtear fé éadach a's rudaidhe eile, chun na ndath do chongbháil beo. Crón an dathughcháin do chuir sí fé n-a cóta.

dathuighim: *b.a.* cuirim dath air, teimhealuighim. Cé fhéadfadh an té sin d'ól, tá sé dathuighthe rómhór?: an iomad bainne nó uachtair curtha air. Ní chreidfinn go bhfuair sé na cártaidhe sin sa scughadh, is amhlaidh do dhathuigh sé iad: d'atharruigh sé an dath ortha chun a shásta féin lé draoidheacht nó le cómhacht dhoilbhe éigin. Dhathuigh sé a aghaidh chun na haithneófí é: chuir sé gaiste nó smearadh fúithe d'fhonn a's é féin do chur as aithne. Dathuigh an bórd (cártaidhe): an té go bhfuil "tabhairt" aige tugadh sé dath an chárta cinn.

de: *r.f.* gheóbhfar "de" i bhfocair na mbriathar go dtéigheann sé leó. "Cé'ra díobh thu? cé díobh thu?" – "de mhuinntir Mhurcadha mise": cad í an tsloinne atá ort? "Cad é an deifridheacht in aois eadraibh?" – "is sine eisean de chúig bhliadhna": tá an t-aos san aige orm. Fiadhchloch seadh í, ní fhéadfá dul de chosaibh trioma uirthe: i gcois: ag siubhal D'each, níor bh'fhéidir leat dul ann, tá an casán ró-anacair: ar mhuin eich. De ló agus d'oidhche ní théigheann sos ar a ghearán: ar feadh. De ghrádh Dé tabhair déirc dom: ar son. De bhrigh ná bíodh sé in am chun oibre tugadh bata a's bóthar do: mar gheall ar etc. Dá mbeadh sé de chéill aige beagán do chur tharais agus é óg ní bheadh ceal indiu air: an méid sin ceille. Rith cainnte tá san de bhuaidh aige: baineann san leis mar thréith. Bhítheas ag gabháil de bhata air gur briseadh é: lé bata a's gan faic eile. Ní raibh riamh de chlainn aca ach inghean: inghean an méid cloinne do bhí aca. Sé a bhfuaireas-sa dá thairbhe aon scilling amháin: a tháinig dom as. Nuair bhuaileann cáirde nó cuideachta leis tá sé de chrann air go mbíonn sé leadaránach: tá san i ndán do. Dá fheabhas cnuaisciún

déanta agam lé bliadhain, níl púnt de bhreis tagtha ar mo dheascán .i. an méid sin anuas ar a raibh cheana agam. Dá luighead de dhuine é b'iongtach an eart a bhí ann: gidh go dtógfá ceann de lé n-a luighead. Tá de sholas fós againn má deinimid deabhadh go meabhrócham an bealach: oiread solais a's dhéanfadh ár ngnóth. "Cé'ra díobh thu?" – "de mhuinntir Longaigh" – "is móide mo ghráin thu": breis ghráine mar gheall air sin. Im thaobh-sa dhe ní fiú suim do chur ionam: maidir liom-sa ar an gcúrsa so. Chómh fada liom-sa dhe, má tá an chuid eile toilteanach bead-sa d'aon bhuidhin libh: maidir leis an mbaint atá agam-sa leis an gcúrsa. Má tá sé droichmhianaigh féin, is cuma san de, tá sé deaghchroidheach: mar sin féin agus uile. D'aon iarracht réab sé an doras: in aon iarracht amháin. Labhair sé liom d'aon toisc chun feirge do chur orm: d'ao'ghnóth, ar aon inntin amháin. Agus mar sin leis de ó Luan go Satharn ag síorobair: ar an gcuma san gan atharrughadh. Is fearr de mhnaoi í 'ná tusa d'fhear: maidir le feabhas de dhuine is fearr í 'n-a cáilidheacht féin 'ná tusa. Is deacair theacht eadrainn, is dá chéile sinn: tá gaol nó baint dhlúth againn lé chéile.

dé: séimh, sona. Is é an lá dé dhuit ná rug na saighdiúiridhe ort, mar stracfaidís as a chéile thu: ádhmharach.

dé(ith): *b.2.* anál, "anam" beag. Níl aon dé ionam ó bheith ag gáiridhe: níl ionam m'anál do tharang. Is mór gur measa anocht é 'ná airéir, níl ann ach a rádh go bhfuil an dé ann: go bhfuil an anál ann. Tóg díom an t-ualach diabhail seo, táim i ndeireadh na déithe aige: ní mór go bhfuil ionam m'anál do tharang. Séid an teine, féach an dtiocfadh aon dé innte: aon anam: an lasfadh sí.

dé: Dé do bheatha: fáilte rómhat. Nára dé do bheatha ná do shláinte!: ná raibh breis ar do bheatha ná ar do shláinte. Dé bheatha a's rud agat: fáilte rómhat óir ná fuilir ag teacht follamh. Deirtear, "dé bheatha grásta Dé", nuair thuiteann rud éigin amach mar bás nó cailleamhaint mhór.

deabhadh: *f.1.* deithineas, fuadar, deifir. Cuirfead-sa teann deabhaidh ort-sa mara gceapair do shuaimhneas: teicheadh mear, tapaidh. Ní túisce chonnaic sé an guna 'ná bhí teann deabhaidh ag imtheacht leis an eagla: deithineas fuadarach. "Deineadh lé deabhadh é": deirtear lé duine rúiseach, greithileánach. "An deabhadh nár imthighidh dhíot!" lé duine a bhíos do shíor lán de ghritheal nó a dheineas díobháil trí gan féachaint roimis. Bean deabhaidh chómh maith lé haon dochtúir i luighe seóil dob eadh í: bean chabhartha. Imthigheadh an deabhadh dhíot: beir fada air: beir breágh bog ar an saoghal. An té go mbíonn fotharaga chun an tsaoghail, gur dhóigh leat "ná béarfadh a chuid anairte ar an luach", deirtear, "níl leath a dheabhaidh ar aonne": duadh a's fuirse air ag déanamh gach aonnidh.

deabhal: *f.1.* an diabhal. An deabhal focal éithigh agam dhá innsint duit: an fhírinne ghlan atá agam. Ná bí ag caitheamh dheabhal mar sin: ag tabhairt mionn mór. Ní bhíonn ón gcóip sin ach diabhail a's deabhail a's achrann: eascuinghthe, mionna móra agus imreas.

deabhach: *a.* deifreach, grithileánach, deithineasach, fuadrach, brostuightheach. Tiocfaidh an saoghal i bhfad níos buige ort ach gan bheith chómh deabhach: imshníomhach i dtaobh oibre a's saothair. Ní bheidh ort bheith ag feitheamh i bhfad leis siúd ní bhéarfaidh aon fhaillighe dá dheóin air, duine deabhach seadh é: imshníomhach.

deabhóid: fic **diamhóid** etc.

deabhthrach: *a.* brostuightheach, taidhbhseach. "Nách deabhthrach ataoi led chabhair", deirtear nuair ná teastuigheann sí: nách mór an deabhadh ort léi, agus b'fhéidir dá mbeadh sí ag teastáil ná cabharfá in ao'chor. Dá labharadh duine gan aonne ghá iarraidh air agus ná bíonn gádh leis nó go néann sé bascadh éigin tríd, déarfá, "maran deabhthrach ataoi led theangain". Má bhíonn neach tapaidh, clóchaiseach fé rud a's gur beag thábhacht san nó ná tairngtear é le maise, deirtear, "nách deabhthrach atáir leis, nó atá sé agat": taidhbhseach, blomasach.

deacair: *a.* cruaidh, dócamhail, buadhartha, neamhfhuraiste. Ní mór duit é d'iondrabháil go socair, duine deacair seadh é: nách mór teidhmint do dhéanamh air. Ní raibh na bainnc riamh chómh deacair fé airgead, níor mhór duit uarradhas maith chun iasachta d'fhagháil uatha: neamhfhonnmhar ar a leigeant amach. Bíonn cuid des na gealtaibh níos deacra 'ná a chéile: is mó an duadh do thugaid dá lucht coimeádta.

deacair: *b.3.* (*iol.* –craidhe) duadh, buadhairt, docamhlacht. Mara deacair leat é, an ndéanfá teachtaireacht dom: mara an duadh, mara an misde leat? Nuair cloistear cainnt gan deallramh léi, maoidheamh nó trácht ar rud a thaidhbhsigheas dodhéanta, deirtear go neamblasta, "mo dheacair!": sin rud ná géillim do. "Mo dheacair a's mo bhrón go raghad 'on talamh", rádh a chuireas in iúil díombáidh an té a labhras. "Connus taoi?" – "a bhuidhe lé Dia níl deacair sa tsaoghal orm": níl buadhairt orm ná a chúis agam. An bhféadfadh an scéal bheith níos measa agam? ag dul ó dheacair go díth: cruadhtan rud d'fhagháil agus annsan a cheal ar fad. Díth agus deacair ar an té a árduigh uaim mo chuid bídh: ceal is cruadhtan air. Bíonn deacair i ngach aon rud gan taithighe: ní thagann furaiste. Budh dheacair liom lámh do chur innte: bhí sé ag dul i gcoinnibh mo mheasa. Budh dheacair dom an rud ná raibh agam do thabhairt uaim: níor bh'fhuraiste.

deachair: *b.3.* deifridheacht, dealughadh. Geallaim dhuit nár deineadh aon deachair eadrainn, bocht a's saidhbhir, gur suidheadh ar an mbórd gcéadna sinn: dealughadh, deighilt: duine d'fhagháil breis mheasa 'e bhreis ar dhuine eile. Cad í an deachair atá ameasc na ndaoine seo go bhfuilid i ndlighe lé chéile?: conspóid: cúis imreasáin.

deachmha: *b.5.* (*iol.* –ithe) an deicheamhadh cuid; an deicheamhadh cuid de shochar na talmhan do cuirtí i leathtaoibh chun deóntasuighthe na heaglaise. "Is maith an té ná caitheann deachmha na sláinte d'íoc (do dhíol)" (rádh): bíonn ádh ar an té ná tagann breóidhteacht uair éigin air. Táim réidh libh anois, tá mo dheachmha díolta agam: mo chion déanta agam.

deacrach: *a.* dian, cruaidh, géibhinneach, buadhartha. Scéal deacrach don dTuaisceart dob eadh buannacht do dhéanamh dá n-aindeóin ortha, mar budh bhun achrainn é: cúrsa

piantach, buadhartha. Choidhche ní imtheóchaidh an brón dá croidhe, tugann sí furmhór a saoghail ag gol go deacrach: go fuidheach, duairc. Is agam atá an gábhadh deacrach lé brógaibh nuadha, tá m'órdóga "ag teacht ar an saoghal": gábhadh ródhian: truagh mhór 'n-a gceal seadh me. Táim deacrach dealbh ón mbliadhain seo gan oiread agus púnt do thuilleamh dom féin: i ndraipeannaibh, in amhgar. "Is deacraighe dhómh-sa breith do thabhairt ort 'ná tú do scaoileadh saor ach is éigean an dlighe do chóimhlíonadh": is mó do ghoilleann sé orm: is é is neamblasta liom den dá nidh.

deacracht: *b.3.* cruadhtan, ponc, draip, aimhréidheas, mearbhall ceasna, amhgar; dochuimseacht; dothuigse. Lé deacracht na ceiste raghaidh sí gan réidhteacht go deo: a cruadhtan agus a dothuigse. Ní haon deacracht liom deich bpúint do chaitheamh i seachtmhain: tagann sé bog orm. Cuireann sé deacracht orm go bhfuil marcaidheacht ó thriúr agaibh agus gan ach slighe agam do bheirt, a's ní maith liom aonne d'fhágaint im dhiaidh: in ionad ná fuil rófhuraiste do réidhteacht nó teacht as. Is breágh an lá dho aonne bheith ó dheacracht an tsaoghail nuair bhíonn iomard rómhór air: ó bhuaireamh a's aindeise. "Mara mbeadh a dheacracht liom", ars an fear macánta nuair cuireadh fearg air, "bhuailfinn thu": mara mbeadh gur náireach liom é nó go dtéigheann sé i gcoinnibh an fhionna agam.

déadadh: *a.b.* dórdadh. Bhuail sé an bóthar amach ag déadadh amhráin ar a shástacht: ag cur gotha air agus a fhiacla nách mór dlúth ar a chéile aige.

déadghail: *b.3.* giascán. Sé an droichmhianach an déadghail a bhíos air: an giascán do bhaineann sé as a fhiaclaibh lé feirg nó droichmhéin.

déag: (*iol.* –a) "Cad é an t-aos an leanbh-san?" – "go hárd ins na déagaibh": i ngiorracht do n-a fiche bliadhain. Thug sé sa déagaibh de chéadtaibh púnt ar an áit sin: idir mhíle agus dhá mhíle.

deaghaigeanta: *a. n-dh.* go meón maith nó toil mhaith do chách. Labhras go deaghaigeanta leis, ghá chur ar a leas, ghá mholadh dho gur bh'fhearr síothcháin ná imreas: go cineálta, fabhrach. Ní éisteóchadh sé lé haonne ag tromaidheacht ar an bhfear thall mar duine deaghaigeanta dob eadh é: ionraic, díreach. Léan ar an aindeiseóir, ní h-ar atá an locht nó na botúin do dhéineann sé, níl aon rud ná go gcuireann sé roimis go deaghaigeanta: lé fonn a dhéanta go macánta chómh maith agus bhíonn ar a chumas.

deaghaigne: *b.4.* deaghthoil, ceanamhlacht, leagadh fabhrach inntine, mórmheas. Ní ar t'aimhleas in ao'chor atáim ghod chómhairleach ach lé deaghaigne dhuit gur bh'fhearrde thu déanamh dem réir: meas do mhaitheasa. Is minic, minic bím ag cuimhneamh ort lé deaghaigne agus ag guidhe sonais duit: machtnamhtha ceanamhla ag rith trím smaointibh. B'fhiú san é go n-éireóchadh leis, ní raibh faic tuillte aige ach deaghaigne na ndaoine: cion agus meas.

deaghailt: *b.2.* scaradh, do scaradh, dealughadh, do dhealughadh. Is fada é ar deaghailt ó n-a mhnaoi, níor choidrigheadar a chéile leis na bliadhantaibh: scartha uaithe. Cuir na drochubhalla so ar deaghailt ón gcuid mhaith nó lobhfaid uile go léir: ar leithligh

(leithrigh): in ionad leó féin: i leathtaoibh. Leath beartha leath caillte bhíd, níl aon deaghailt déanta aca ar aithneamhaint a choda féin ag aonne aca: scaramhaint: cómhartha a dhealóchadh cuid ón gcuid eile. Choidhche airís anois tréis déanta na cora gráineamhla so fear ar deaghailt seadh é: fear cómharthuighthe nách maith lé neach baint ná coidreamh do bheith aige leis. Uan ar deaghailt: uan bainte de dheól. I ndeisceart na Stát n-Aontuighthe déintear deaghailt idir na daoine bána a's na daoine dubha - bíd ag leithrigh leó féin i gcórachaibh iomchair, in ionadaibh i leathtaoibh in áiteannaibh poiblidhe: bíonn teóra ann. I dtíorthaibh áirighthe bíonn druthlann ar deaghailt: i gceanntaraibh leó féin. Do rinne Sasana le reacht deaghailt sa tír seo: dhein sí teóra. Nách gearra an muineál atá ort ní mór go bhfuil aon deaghailt idir do cheann a's do ghuailne: chómh hathchomair sin gur deacair aon tslighe eatartha do thabhairt fé ndeara. Níl aon deaghailt eadrainn: táimíd 'n-ár gcáirdibh. Ní deacair do dheaghailt ód mhuinntir d'aithneamhaint, ní hé an meón céadna atá agaibh: an deifridheacht atá eadraibh: neamhchosamhlacht. Is righdheacair do chuid sríobhnóireachta do léigheamh, níl aon deaghailt idir na foclaibh: aon eaga: aon scar. Bruidheanfidh an dreamh malluighthe sin muna gcuirtear ar deaghailt iad: ó chonbharsáid a chéile.

deaghailte; *a. n-dh.* scartha, scurtha (ó), dealuighthe. Ní mar a chéile é agus aonne a bhaineas leis, tá sé deaghailte amach ó n-a mhuinntir go léir: ní hionann i meón ná i slighe é agus iad. Ach, is fada riamh go rabhadar san in aon chómhar lé chéile, táid deaghailte ó chéile lé bliadhantaibh: scartha: gach taobh aca ag déanamh gnótha dhóibh féin. Tréis an airgid do bheith deaghailte aige 'n-a leathchorónachaibh a's n-a scillingidhibh chómhairigh sé an tsuim: an méid de a bhain lé gach bonn do chur leis féin. B'fhearr dhi bheith deaghailte ón saghas fir atá aice ná bheith ceangailte leis, bheadh suaimhneas in ionad imreasa aice: ag maireachtaint léi féin. Scannruigh an t-oifigeach tréis an chatha nuair fuair sé amach go raibh sé deaghailte ó n-a chuid fear: scartha: iad teanntuighthe ó chéile. Ní túisce bhí an t-anam deaghailte ón gcolainn aige ná thosnuigh a mhuinntir ag éileamh a choda: é básuighthe. Ná bíodh aon áiteamh ort i dtaobh a choise, níl air, tá sé deaghailte gen nglúin de: teasctha: gearrtha: scartha. Ar feadh mí tigh deaghailte dob é seo againne, lé hórdughadh dochtúra, ní raibh conbharsáid aonne orainn: tigh i gcoraintín: tigh coiscthe ar cuaird air.

deaghailteach: *a.* scaramhnach, sobhristeach, soscartha. Tugadh drochfhuinneadh ar an gcíste seo, nách deaghailteach atá sé, ag imtheacht as a chéile: an-chlaon ar scaramhaint n-a bhlúiridheachaibh. Toisc é do bheith bodhar a's nách maith leis bheith buadhartha duine deaghailteach seadh é ná coidrigheann cuideachtaidhe: ar leithrigh: leis féin: iargcúlta. Aimsir róbhog, rómheirbh a's ní hiongadh an t-ím bheith deaghailteach: gan í do bheith ag leanamhaint dá chéile. Faid agus bhíonn sibh deaghailteach mar sin ag imreas 'sag argóint ní bheidh sibh i ndán buadhachtaint ar bhur namhaid: scartha ó chéile: gan cur lé chéile. Nuair chualaidh an Franncach mé ghá rádh go raibh cuma dheaghailteach ag teacht ar an muinnteardhas do bhí aca lé Sasana dubhairt sé go teasaidhe ná hoirfeadh sé do Shasana bheith ar leithrigh uatha: cuma chlaon chun deireadh caradais ná muinnteardhais do bheith aca leó.

deaghaimsir: *b.2.* síon nó séasúr maith, breis breághthachta nó fheabhasa. Go dtugaidh Dia Mór na Glóire deaghaimsir don nduine bhreóidhte agus do gach n-aon a ghoillfeadh

ná a fhóirfeadh orainn: go gcuiridh Sé feabhas air etc. An raibh deaghaimsir ar an bhfarraige agaibh: muir chiúin, gan gaoth gan tionóisc. Deaghaimsir fháis seadh an aimsir bhog, chéodhach so: síon mhaith, shéasúrdha.

deaghainm: *b.2.* ainm cháileamhail. "B'fhearr liom deaghainm ná deaghstór" (rádh): ní fiú faic maoin ag duine mara mbíonn ainm mhacánta air.

déaghair: *a.* tapaidh, pras, mear, luath, lomláithreach. Léim sé go déaghair i leathtaoibh ón dtarbh, mara mbeadh san bheadh pollta go h-ionathar!: go mear-lúthmhar. Rith go déaghair ar son t'anama: go mear: ná fásadh puinn den bhféar féd chosaibh! Rug sé gan choinne ar an iarann dearg, ach is déaghair do leig uaidh: láithreach baill. As mo radharc thu go déaghair: go pras. Dá gcuirtheá cruisteach ar an ndlighe, is déaghair do dhíolfá as: gan aon mhoill bheadh an dlighe id mhullach.

deagharadha: *b.4.* deaghghnaoi, dreach maith, íoghar taithneamhach. Riamh ní fheaca aon fhear go raibh a dheagharadha air lé clódh a's lé dath: ceannaghtha agus cuma bhreágh. D'aithneófá ar a deagharadha go raibh mianach agus folaidheacht innte: an cruth ar a haghaidh agus a gcuirfeadh sé in iúil do dhuine.

deagharadhnach: *a.* deaghghnúiseach, go ndreach maith, go ngnúis thaithneamhach. Fear deagharadhnach go dtaithneóchadh a chlódh 'sa imtheacht leat: aghaidh gheanamhail, deaghfhearamhail ná cuirfeadh neach a chídhfeadh í amugha. Cailín deagharadhnach go dtabharfainn an leabhar ná beadh amuigh lé neach: dréir a dreacha go bhfuil sí deaghmheónach.

deaghaiste: *b.4.* can, dáil, stáid mhaith. Daoine neamhspleádhacha iad san atá ar deaghaiste: go maith as: os chionn a gcumais. Is maith an bhail ar Shasana a's ar an bhFrainnc, maidir lé hionad comhthromamhail de, go bhfuilid ar dheaghaiste seachas an Ghearmáin: dáil mhaith i gcomhthrom cogaidh do chur nó iad féin do chosaint. "Connus tá agat an ainmsir dhealbh so?" – "ar dheaghaiste": go hiongtach maith.

deaghbhaile: *f.4.* baile maith, baile flaitheamhail, fial; ionad cómhnaidhthe maith nó fial, fáilteach. Gluais liom chun mo dheaghbhaile agus cóireóchad go fial thu: chun mo thighe mar a bhfuil gach aon nidh ar fheabhas rómhat in onóir duit. Dréir gach tuairisce ní deaghbhaile Siceágó maidir le cuiridhe marbhtha dhe: ní áit rósháibhálta é chun maireachtana. "Ní raibh i ndaingean ná i ndeaghbhaile (fuaim deóra ag "deagh") indiu" (rádh): níl a fhios agam an ceannsíos ar Dhaingean Uí Chúise é seo nó nách eadh .i. in aon tsaghas baile móir.

deaghbheatha: *b.4.* beatha mhaith riaghalta, beatha shláinteamhail. "D'airigheas gur fadó riamh do cailleadh in Aimearaice é" – "d'airighis bréag, is é atá 'n-a dheaghbheatha": i sárshláinte. "An té a chaitheas deaghbheatha ar an saoghal so", ars an seanmónaidhe is móide dho ríoghacht na bhflaitheas do shaothrughadh dho féin": beatha riaghalta, ionraic.

deaghbhlasta: *a.* go mblas maith nó milis; líomhtha; deaghmhothuightheach ar an dtangain a's ar an gcarabhat ge pé rud a bhíos san mbéal. Budh dheaghbhlasta liom mar chainnteóir é ag labhairt in aghaidh buannachta saighdiúiridhe: thaithnigh a chuid cainnte liom mar thaithneóchadh rud sóghail lém theangain. Is deaghbhlasta an t-iasc bradán: iasc go mbíonn sóghamhlacht ann ghá itheadh. Obair dheaghbhlasta í sin gur deacair locht d'fhagháil uirthe: obair shnasta, dheighchríochnuighthe. Is deaghbhlasta an t-ubh salann do bheith uirthe: is sóghmhala lé n-itheadh é.

deaghchainnt: *b.2.* cainnt shoilbhir, cainnt chneasta, deaslabharthacht. Daoine draosta ná cloisfeá focal deaghchainnte uatha: cainnt riaghalta, chóir. Dá dtugadh sé deaghchainnt dom in ionad me do mhallughadh a's d'fhógairt soir siar is fada buidhe go n-eiteóchainn é: cainnt shíthbhialta. Mín, macánta ar bhóthar a's ar chasán gan riamh as a bhéal le h-óg a's aosta ach deaghchainnt: caint oireamhnach, gheanmnaidhe. "An bhfuil an lá glas?" – "ní fheadar cad é an dath atá air ach tá sé fuar!" – "an dóigh leat gur deaghchainnt an freagra san?": cainnt dheisbhéalach.

deaghchainnteach: *a.* líomhtha i dteangain, fáidheamhail, tapaidh fé fhreagra. A leinbh, níor ghábhadh dhuit bheith chómh deaghchainnteach: deiliúsach: corráisteamhail, aibidh ar a cheann do sháthadh in áit ná baineann leis. Nuair cháin sé do bhaile dúthchais, bhís id bhalbhán, bír deaghchainnteach do dhóthain uaireannta eile: pras fén dteangain go neambéasamhail. An bhean ná raibh clann aice sé dubhairt sí: "mara gcuirid ag gáiridhe sinn ní chuirfid ag gol sinn", deaghchainnteach go maith do labhair sí: go fáidheamhail: ní raibh fuighleach ar an méid do labhair.

deaghchaoi: *b.4.* aiste mhaith, cuma néamhair. Thaidhbhsigh gach rud ar dheaghchaoi oifige atúrnae ná ceapfá choidhche gur i bprochlais luchta meallta do bhíos: ar oirear maith: in órdughadh bhreithnightheach. Go gcuiridh Dia deaghchaoi ort: an rath: go rabhair le cabhair Dé go maith as (nó i sláinte mhaith). D'imthigh an iascaireacht chun an phota, is fada go raibh aon deaghchaoi uirthe: gur bh'fhiú aon nidh cóir í. Ní fheadar as sheilbh an domhain connus bhailigh sé an saidhbhreas go léir, déarfá ná raibh aon deaghchaoi aige air san áit bheag san: slighe mhaith chuige. Tá an eadáil sin i ndeaghchaoi, reamhar, cothuighthe: ar aiste mhaith: feóil mhaith ortha agus iad folláin, sláinteamhail.

deaghchómharsa: *b.5.* cómharsa mhaith, deaghaigeanta. "Thug an duine sin iasacht a sparáin dom" – "deaghchómharsa a dhéanfadh é": duine galánta, fial. Is fearrde an té go mbíonn deaghchómharsana aige: daoine macánta 'n-a thímcheall.

deaghchómharsanach: *a.* (**d-chómharsantamhail, d-chómharsain**) fíormhuinnteardha; cneasta, síthbhialta, comaoineach, lághach, deaghaigeanta. Baile deaghchómharsanach seadh é seo, níor chás duit do chuid bheith gan ghlas, gan ghéibh agat: ní imtheóchadh pioc de: daoine macánta ann. Budh dheaghchómharsanach uaidh anois dul chómh fada as a bhealach chun tu do chur ar t'eólas: comaoineach: deighmhéineach: fonnmhar ar mhaitheas do dhéanamh.

deaghchómharsanacht: *b.3.* leagadh daonna lé cách; motháilt mhacánta, ionraic do dhaoinibh a chómhnuigheas i bhfogus. Lá a bháis ní raibh sé lé rádh ag neach leis ná gur dheaghchómharsanacht do thug sé do gach n-aon a tháinig treasna air: cneastacht, síthbhialtacht agus maitheas dá chómhdhuine. Is subháilceach an rud baile deaghchómharsanachta: baile go mbíonn na daoine muinnteardha, lághach, deaghmhaitheach dá chéile ann.

deaghchroiceann: *f.1.* go gcroiceann nó cneas breágh, sláinteamhail, deaghshnódhach. D'aithneófá ar a dheaghchroiceann súd gur fear é ná luigheann an saoghal go dian air: an snódh maith atá lé féachaint air. Nách é atá go deaghchroicinn dá aosta é: snódh glan, gléasta air. Tá tabhairt sa talamh san, sé deaghchroiceann atá air é: fód trom, láidir, torthamhail. Cé fhéadfadh é d'eiteach a's an deaghchroiceann do chuireann sé ar a scéal truaigh?: an tslacht: an chuma bhreithnightheach.

deaghchroidhe: *f.4.* croidhe mór, fial; féile; deighmhéin. "Mise, lé deaghchroidhe do chara": mise agus is é mo ghuidhe tú bheith ar fheabhas an domhain. Thug sé uaidh é agus d'aithnigheas ar an smailc a bhí air nách lé deaghchroidhe é: i gcoinnibh a thola. Cad dhéanfadh an deaghchroidhe, níl aon teóra leis: is deacair buadhachtaint ar an bhféile. B'shin é árus an deaghchroidhe a fuairtheas uaidh: an t-árus a bhí lán go smig. Ní lé ceal deaghchroidhe nár thugas duit an rud a bhí uait ach lé ceal cur leis: fonn tabhartha.

deaghchroidheach: *a.* agus croidhe fial ag... An duine deaghchroidheach ní locht air bheith rófhial leis gach aonne: an duine macánta. Scaoil sé chughainn an biadh go deaghchroidheach: gan ceachaireacht: gan caolughadh: gan sprionnlaitheacht. Budh deaghchroidhthighe go mór dhuit rud do thabhairt a's gan bheith ghá mhaoidheamh: dob fhéile: budh laimhthighisighe: budh mhaitheasaighe.

deaghchuallaidheacht: *b.3.* conbharsáid thaithightheach, muinnteardhas dlúth; fíoraitheantas; cumannacht mhaith. Is leamh lé tíoránach deaghchuallaidheacht: muinnteardhas. Ar m'aithne air sé mo bharamhal gurb í an deaghchuallaidheacht is fearr leis, ní fheaca riamh dúr, duairc ná dadhaiceach é: fonn cuideachtan is coimhdis. Trí mhéid a dheaghchuallaidheacht leis gach aonne a choidrigh é budh thaithneamhach leis gach aonne é: oireamhnaidheacht agus fonn cóisireachta a's caitheamh aimsire. Cé go rabhas im aonar agus im iasachtaidhe ann, lé deaghchuallaidheacht d'iarradar orm dul 'n-a gcuibhreann a's bheith buanamhail: fonn muinnteardhais.

deaghchúmtha: *a.r.* deaghdhéanta, go ndéanamh líomhtha. Dhaorfadh do chosa neamhdheaghchúmtha thu dá mbeitheá ar mhnáibh áilne an domhain: cosa neamhchóracha: cosa ná fuil deallramh maith déanta ortha. Dar linne, ach go háirighthe, gurb é an "Cnuicín Garbh Fhraoigh" an t-amhrán is deaghchúmtha eadrainn mar tá ceól, binneas agus líomhthacht cainnte ann: is fearr atá curtha as tóin a chéile.

deaghdhathach: *a.* go ndath taithneamhach, dath ruadh (nuair fuamuighthear "deagh" n-a dheóghar). Is don bhfear (cailín, mnaoi etc.) deaghdhathach atáim ag tagairt: an fear ruadh. Piseóga ameasc iascairidhe seadh gan tagairt do mhada ruadh, nách rathamhail bualadh lé mnaoi ruaidh a's duine ag dul ag iascach! agus uime sin déarfadh an duine

piseógach, “chonnac an bhean deaghdhathach”, “ná tairng chugham an t-ainmhidhe deaghdhathach (an sionnach)” etc. [deismireacht anthaithneamhach leis na daoinibh é seo]. Is deaghdhathach í do leicne tréis do sheal fén dtuaith: is ionat atá an luisne sláinteamhail fola. Deallramhuigheann bhur ndóirse go deaghdhathach gen ngaiste uaithne sin: dathamhail: soibhreithnighthe. Ó, a inghean ó, b’fhuraist aithint ar an éadach deaghdhathach a bhí uirthe siúd go raibh sí tuillte lé hairgead: dathanna solasmhar do bheith ann.

deaghdhuine: *f.4.* fear gur coipidhe ar feabhas d’aonne é. An lá hadhlacadh é chuirfeadh sé in iúil duit gur meas deaghdhuine a bhí ag an gceanntar air ar mhéid a shochraide: meas fir mhaith: fear gur sholaoid don áit é. Ní deaghdhuine dhom thu chun do chuideachtan do thaithighe: duine neamhoireamhnach a chleachtas gnása nár mhaith dhom do thaithighe. Neamh ionad na ndeaghdhaoine Lá an Luain: na daoine deaghbheathacha. An drochdhuine i riocht an deaghdhuine: fealltóir ag dúmas.

deaghfhéachain: *a.* ar dheallramh maith. Thuiteadh gach ógánach i ngrádh léi mar bhí sí deaghfhéachain: dathamhail: dreachsholasmhar. Fear budh dheaghfhéachaine ’ná é ní raibh sa cheanntar: bhí a raibh de mhnáibh san áit bán ’n-a dhiaidh: budh bhreághtha deallramh a’s cuma.

deaghfhéachaint: *b.2.* féachaint nó sileadh súl maith. Fan ar an dtalamh tirim indiu, níl aon deaghfhéachaint ag an muir, tá suathadh agus borradh innte: níl cuma mhaith uirthe. Ní fheaca a dheaghfhéachaint ag aonne riamh: aonne go raibh deallramh chómh dathamhail air.

deaghfhoclach: *a.* deaghlabhartha, deaghchainnteach, go mbreithribh bríoghmhara. Thaithnigh sé liom an tslighe labhrais go deaghfhoclach gidh go raibh cúis agat bheith borb: gur thugas cainnt mheasardha, neamhtheasaidhe uait. Is mara chéile bheith ag tabhairt cómhairle deaghfhoclaighe don bhfear san nó bheith ag eascuinghe air, tá sé chómh righinmhuineálach san: cómhairle chaoin i mbréithribh cneasta, cáirdeamhla. Scríobhadh sé na haistidhe budh dheaghfhoclaighe ar Éirinn dár scríobhadh riamh: aistidhe go mbíodh toghadh cainnte agus dul ionta.

deaghfhonn: *f. n-dh.* fonn nó mian fóghanta. Aithnighim ar an bhfuadar atá fút ná ful aon deaghfhonn ort: go bhfuil fút rud éigin as an slighe do dhéanamh. Níl aon deaghfhonn ar mo ghoile: tá casadh im aigne, cuirfead amach (úirliceóchad) dem aindeóin. Lé méid mo cheana ort dhéanfainn rud le deaghfhonn duit: go toilteanach: go deónach. Mo thuairim ná fuil aon deaghfhonn ort teacht linn: ar thú do bheith ag teacht féin, cé ná deallramhuighir é nách lé hinntin maitheasa ach a mhalairt é.

deaghGhaedhealaing: *f.2.* Gaedhealaing mhaith; prasacht fé chainnt nó fhreagra. Ní deaghGhaedhealaing a rádh, “taim as Dhaingean”: Gaeilge cheart. Ars an Fingheach beag, “níl aon fhear ar do chinidh ná geóbhainn de chosaibh ann!”: carbhall do caithfí leis lé n-a dheiliús, “nách aige atá an deaghGhaedhealaing”: an fhlúirse chainnte. Cuir uaim do chuid deaghGhaedhealainge, ach déin rud éigin: an bhreis chainnte gan neach ghá lorg ort. Níl aon cheal deaghGhaedhealainge ort: tá deiliús cainnte agat. “Tá

deaghGhaedhealaing agat, agus is í is fearr atá agat", deirtear lé duine go mbíonn breis cainnte aige agus beagán gnímh.

deaghGhaedhealaingeach: *a.* go nGaedhealaing mhaith, cheart; go mbreis carbhall. "Pastaire beag deas deaghGhaedhealaingeach é sin": duine ná fuil "ceannach na mionn" air: duine a bhíos do shíor a's a theanga ar luadhail aige. "Is maith an áit go rabhais": go míchéadfadhach lé duine a déarfadh rud gan aonne ghá lorg air: i bhfreagra déarfadh sé, "b'fhearr ann me 'ná tor aitinn!" a's i bhfreagra air sin déarfí, "nach deaghGhaedhealaingeach ataoi!": deisbhéalach, pras (dar leat).

deaghghlórach: *a.* láidir in úrlabhra, cainnteach go neamhghábhtarach. Gárda: "an bhfuil aon mhadra sa tigh seo?" Bean an tighe: "níl, a chroidhe, fuair sé bás leis an aicíd". Leanbh beag: "tá, dhá mhadra ann!" B. an t.: "nách deaghghlórach ataoi": nách agat atá an chainnt gan aonne ghá iarraidh ort. Bhíos ag éisteacht leis an ollamh ar an gcraolachán agus cé gur mór an t-aos atá aige is é atá go deaghghlórach fós: thuigeas an uile fhocal uaidh. Ní bhíd chómh deaghghlórach lé chéile agus bhíos ó d'éirigh eatartha: síthbhialta. Scéalta deaghghlóracha do chloistear mar gheall: fabhracha.

deaghghlór: *f.1.* calán, gleódh nó cunntas maith. Chuala deaghghlór sa Daingean indiu – ná raibh aon fhonn ar Shasana buannacht saighdiúireachta do chur dá n-aindeóin ar mhuinntir na hÉireann. "Níl aon éirghe ar an dté fén mealbhóig nuaidh seo" – "nár chloiseadh choidhche agat ach deaghghlór": scéala a chuirfeas áthas amach.

deaghghnúis: *b.2.* dath, lí, snódh (snuadh) maith; aghaidh; aradha (mhaith). Dar liom ná fuil aon deaghghnúis ar an saoiste indiu, do chuir rud éigin spuaic air: ceal soilbhireachta 'n-a aghaidh. Ní gnáthach deaghghnúis ar dhuine sprionnlaithe: cuma thaithneamhach ar a cheannaghthaibh. Ní chuireann sé deaghghnúis air gan é do dhíol as an earra: cuma shubháilceach.

deaghghnúiseach: *a.* dathamhail, soilbhir, deallramhtach. "Riamh ó thánag 'on tigh", ars an cailín aimsire, "ní fheaca an bhaintighearna deaghghnúiseach, ach do shíor a's de ghnáth ag fagháil locht ar gach aonnidh": subháilceach, soilbhir, a's a aithneamhaint 'n-a haghaidh uirthe. Déarfainn gurbh fhuraiste réidhteach leis an bhfear san, tá sé deaghghnúiseach: cuma shoranna ar a chealltar. Budh dheaghghnúisighe 'n-a leanbh í 'ná 'n-a mnaoi, tá breicearnach anois innte ná raibh an uair sin: dathamhla.

deaghghné: *f.4.* deallramh, cuma (mhaith). Á, deirim leat go bhfuil árd-ádh leis má mhaireann sé, níl aon deaghghné beatha air: an deallramh atá ar a cheannaghthaibh: an dath a thaidhbhsigheas 'n-a aghaidh. "An bhfuil mórán measa agat air?" – "níl, ní haon deaghghné é": saghas maith. Ní hé an carcar an áit is fearr chun deaghghné do thabhairt ar dhuine: deallramh sláinteamhail. Tabharfaidh an leasughadh san deaghghné ar an dtalamh: cuma mhaith: taidhbhseóchaidh a chroiceann níos fearr.

deaghghnéitheach: *a.* deaghdheallramhtach, de shaghas mhaith, ar chuma mhaith. Gan amhras ar domhan bean is deaghghnéithighe 'ná í is deacair d'fhagháil, an dath beo, lasta, sláinteamhail atá suas 'n-a haghaidh: is fearr dreach, féachaint, deallramh. éadach

deaghghnéitheach mar é, ní fhéadfadh gan mianach righin do bheith ann, mar earra mhaith gné mhaith: deaghfhéachain: an taobh amuigh de taithneamhach leis an súil. Mar is toil leat, ach ní bheadh aon choidreamh agam-sa leis, mar ní dual do bheith deaghghnéitheach: níor phréamuigh ó bhun a bhí go maith. Um Nodlaig bíonn na siopaidhe deaghghnéitheach, lasta go gluardha agus maisighthe go hioldathach: a ndeallramh taithneamhach, so-amhairc.

deaghghoileamhail: *a.* lé goile géar. D'itheadh sé a chuid an uile uair a gheibheadh a's a thuilleadh dá bhfaigheadh, fear budh deaghghoileamhla 'ná é ní bhfaghfá: a íosfadh an oiread: fonn an mian nádúrdha ocras do shásamh.

deaghlabhartha: *a.* (**deaghlabhartach**) miochair, mánla i gcainnt, béasach. Leanbhaidhe deaghlabhartha atá ag teacht ón scoil sin, agus is é sin múineadh do gheibhid: mín, béasach, séimh. Ní fuláir don gceann cómhairle ar gach aon tsaghas cruinnighthe do bheith deaghlabhartha dá mhéid griogtha agus gríosuighthe a déintear air: do bheith measardha, foidhneach. Leis an té a bhíos ionga bheag (beagán) pras fé n-a theangain i rádh ruda ná bíonn gábhadh leis nó ná teastuigheann a bharamhal in ao'chor deirtear, "níor ghábhadh dhuit bheith chómh deaghlabhartha": bheadh an cúrsa chómh maith gan tú do labhairt.

deaghláin: *a.* fairsing, mórchoimeádach. A thuilleadh tobac atá uait? nách deaghláin an phíp í sin: píp go dtéigheann breis a's i bhfad innte 'ná mar thaidhbhsigheann a toirt. D'fhear bheag nách aige atá an goile deaghláin: itheann sé i bhfad níos mó 'ná mar cheapfá dho. Árthaighe móra deaghláin a bhíos ag tráchtáil tar bóchna: luingeas a iomcharas lasta móra. Dá mbeadh mo phócaidhe deaghláin d'airgead a's é bheith ag fagháil bháis leis an ocras ní thabharfainn cianóg do!: ag pléascadh lé saidhbhreas.

deaghluach: *f.3.* luach maith fóghanta. Deaghluach seadh na bróga san ar phúnt, is sármhaith an mianach leathair atá ionta: is fiú san iad go maith. Má fuairis fiche púnt ar an dá bheithidheach fuairis deaghluach ortha: a bhfiacha go maith. Ní haon deaghluach thu!: ní fiú puinn thu.

deaghluighim: (**dealuighim**) *b.a 7 n-a.* scaraim le; cuirim ó chéile. Dealuigh do chuid ainmhidhthe óm chuid-se: cuir ar leathtaoibh uatha iad. Is mór mar dhealuigh an fear san ó n-a mhuinntir, n-a mheón a's n-a shlighthibh, níor dhóigh leat go mbeadh aon ghaol aige leó: do scar sé uatha: do dheifrigh sé leó. Sin iad annsan anois na leabhartha dealuighthe 'n-a rannaibh cearta, gach saghas aca leo féin: deighilte: roinnte: ionaduighthe. Is í Sasana fáth Éire bheith dealuighthe toisc í do bheith ag tóinleasughadh lé dreamhnach beag creidimh: scartha, deighilte 'n-a dhá cuid. Dá mbeadh ór na cruinne aige ní dhealóchadh an ghorta lé n-a chroidhe, tá an sprionnlaitheacht geinte ann: scarfadh: d'fhágfadh é. Dá mhéid ag a chéile iad dealóchaid fós, mar is é muinnteardhas na mbitheamhnach atá eatartha: scarfaid: éireóchaidh easaontas eatartha. Riamh ní fheaca thu gan rud agat, níor dhealuigh an scilling riamh leat: níor scar (fhág) leat. Dealuigh na huain ós na caoiribh: bain de dheól iad.

deaghmhaise: *b.4.* áilne, breághthacht, gníomh cuibhe. Maidir lé deaghmhaise ní ghlacfadh aonne léi gan a cuid airgid. Dathamhlacht ceannaghtha agus sciamhacht pearsan. Tá deaghmhaise ar an dtigh agaibh ó cuireadh gaiste fés na dóirsibh a's na fuinneógaibh: breághthacht, cuma níos so-amhairce. Gníomh deaghmhaise do dhein sé agus an bochtán d'adhlacadh as a phóca féin: beart uasal: gníomh a thugas meas agus urraim do. (fuaim deaghrach ag deagh). Dá ghéire scrúduightear an deaghmhaise is ag méadughadh bhíonn sí: an áilne cheart is ródheacair locht do nochtadh innte.

deaghmhaiseach: *a.* (**deaghmhaiseamhail**) fíor-áluinn; mórmhaitheasach; deagh-ghléasta, an-líomhtha. Áit dheaghmhaiseach gan amhras ar domhan seadh Cill Áirne: an-áluinn. Radharc deaghmhaiseach seadh long fé lántseól: taithneamhach leis an súil, niamhair lé hamharc: líomhtha. Bean, scéimh (talmhan), dán, smaoineamh deaghmhaiseach: cuirid aoibhneas ar chroidhe dhuine iad d'amharc. Cailleamhaint mhór don gceanntar seadh a bhás, mar duine deaghmhaiseach dob eadh é, ag tabhairt cáirde agus cabhartha don ndream a bhí 'n-a ghábhtar: mórthugtha do chomaoin do chur ar a chómharsanaibh. Ná tuigtear leat, nó tá dearmhad ort, gur deaghmhaiseach an bheart duit taobhughadh in aghaidh na laige: gur broghaide thu é: go méaduigheann sé ar do mheas duit. Ar mh'anam gur tú atá go deaghmhaiseach indiu, féach an chulaith ghreanta, chórach atá umat: sárghléasta. Cúis mhaoidhte dhúinn an tslighe dheaghmhaiseach bhíodh ár seanleabhartha scríobhtha, gach leitir chómh córach, greanta: áilne a shásuigheas an tsúil agus an cháiréis lé n-a cuibheas, a líomhthacht, a córacht agus a déanamh.

deaghmhaisighim: *b.a.* breághthuighim, áilnighim, sciamhuighim; órnuighim; suaithnighim. Do chonnaic sé ar gach taobh de an chathair deaghmhaisighthe i gcóir an lae iongtaigh, gaiste fé gach tigh, na sráideanna glan scriosta: cuma bhreágh tugtha uirthe. Duine é gur dheaghmhaisigh grásta Dé é: gur thugadar taithneamh do. Nách taithneamhach an radharc do Dhia na nidhthe do chruthnuigh Sé d'amharc ag deaghmhaisiughadh an uile lá: ag dul i mbreághthacht. Bean chliste lé n-a méireanntaibh dob eadh í, níl aon rud go ndeineadh sí aonnidh leis ná go ndeaghmhaisigheadh sí: go gcuireadh sí cuma ní budh thaithneamhaighe air agus ní b'fhearr.

deaghmhaith: *a.* anmhaith ar fad, rímhaith. Is deaghmhaithe de dhigh leamhnacht 'ná deoch ar bith eile: is mór, mór gur fearr. Tugadh ceannas na hoibre dho leis an meas deaghmhaith a bhí air chun a ghnótha do dhéanamh go sásamhach: cáilmhear. Cúis ghearáin ní raibh againn ar an mbiadh deaghmhaith a fuaireamair, do bhí gach aon rud d'iarrfadh do bhéal lé fagháil againn ar a lorg: rith maith bídh ar gach cuma – sóghail, sobhlasta, folláin. Dréir mar labhrann sé ní go deaghmhaith thaithnigh an tOileán Úr leis, ceal sláinte ag gabháil de, neimhréidhteacht bídh a's breis oibre: ní raibh sé lé moladh. Is deaghmhaith leis dá fheabhas bhíonn a chómharsain mar ná fuil formad ná éad ag roinnt leis: is mór go leor mar thaithnigheann sé leis. Ní raibh an t-aonach chómh deaghmhaith agus bhí tuairm do: ní raibh luacha chómh hárd agus shaoil na daoine go mbeadh.

deaghmhoch: *a.* éirghe go h-anluath ar maidin. B'éigean dom éirghe go deaghmhoch mar bhí orm an chathair d'fhágaint ar thraen a sé: i moch na maidne. Fiú amháin sa

gheimhreadh dream deaghmhoch seadh iad, ní chodlaid thar a sé: bíd n-a suidhe go h-anluath.

deaghmhochóirghe: *b.4.* éirghe i bhfíorthúis na maidne. Bíonn deaghmhochóirghe ar fheirmeóiridhibh tímcheall ainmhidhthe sa tsamhradh, ní hannamh iad n-a suidhe le céad ghiolc an ghealbhain: éirghe ríluath. Tá rian na deaghmhochóirghe ort, táir ag grúntáil chodlata: éirghe chómh moch san nách ndéinis do leór codlata. "An té go dtéigheann teist na deaghmhochóirghe amach air ní cás do codladh go headarshuth" (seanfhocal): an té gur gnás aige éirghe ar am mhíothráthamhail etc. "Deaghmhochóirghe, measardhacht, agus deaghmhaireachtaint", ar an seanóir, "is bun lém saoghal fada": síoréirghe go luath ar maidin.

deaghmhóideach: *a.* feictear **diamhóideach**

deaghmhúineadh: *f.* (*-nte*) múineadh nó tabhairt suas maith, teagasc oireamhnach dár mbail, deaghbhéasa. Sé tuairm gach aonne gur deaghmhúineadh creideamh: go dtéigheann sé chun ár maitheasa: gur fearrde ár n-iomchar ameasc chách é. Ní deacair cómhrádh do dhéanamh lé duine go mbíonn deaghmhúineadh air, mar bíonn béasa agus tuigsint aige: iomchar cneasta, síthbhialta. Gan amhras ceannsuigheann, glanann, oirdhearcann deaghmhúineadh sinn mar a mbímís barbardha, truaillighthe, táir. Níl deaghmhúineadh lasmuigh den bhfear san, nách é labhrann go tais, nách síthbhialta é n-a choidreamh, nách lághach é lé tuathalacht: iomchar taithneamhach, geanamhail. Is ort ná fuil an deaghmhúineadh: is tu ná fuil fios do bhéas agat; nách eól duit tú féin d'iomchar.

deaghmhúinte: *a.r.* béasamhail, tógtha suas go maith, ceannsa agus cneasta, eólach ar bhéasaibh coidrimh. Faic ní bheidh choidhche caillte agat, a mhic, lé bheith deaghmhúinte an focal séimh do bheith agat do gach aonne a's gan tarcuisne do thabhairt do neach: meastamhail ort féin, a's aon rud do b'fhéidir do chaitheamh sa tsúil ort gan bheith fearamhail nó galánta do sheachaint. D'aindeóin an ghríosuighthe do deineadh chun feirge do chur air d'fhreagair go deaghmhúinte nár thug cao teasbánta na táire a bhí 'n-a chroidhe: go séimh, ceannsa: lághach: i slighe a shásóchadh aonne ná beadh claon.

deaghnós: *f.3.* gnás nó béas cóir. Deaghnós ná deaghaidh i léig fós seadh na turuiseanna do tugtar in onóir éarlamh paróistidhe: gníomh maith do deintear ó bhliadhain bliadhain. Ní deaghnós ólachán: do bheith ag déanamh an ghnímh chéadna go mion, minic. Caithfead admháil go bhfuaireas gach deaghnós óm lucht gabhann faid bhíos im chime aca gan droichdhéanamh ná droichbhiadh ach gach teasbáinteas síthbhialta: meas: suim chneasta: ceannúireacht: mothúilt shéimh.

deaghnósach: *a.* meastamhail, galánta, taithneamhach. Budh dheaghnósaighe liom mo bhéal d'éisteacht 'ná tor(adh) do thabhairt ar dhuine dhroichbhéil: budh ghalánta: budh mheastamhla. Aicme seadh iad má ólaid féin gur go deaghnósach é: i slighe chiúin mhacánta. Sé atá amuigh ar mhuinntir na hÉireann gur treibh dheaghnósach iad le coigcríochaibh: lághach.

deaghobair: *b.2.* (*iol.* –oibreacha) obair nó gníomh maith ar son an anama. Is maith an bhail ar anam an té a ghníos deaghoibreacha, déirc agus carthanacht: gníomhartha a thaithnigheas le Dia. (Ach "deáibreacha", cialluigheann sé i gCorca Dhuibhne gníomhartha i gcoitchinne). "As san tiocfaidh i ndeireadh an tsaoghail chun breitheamhnais do dhéanamh ar gach n-aon dréir a dheaghobair" (paidear): gníomhartha idir olc agus maith. B'fhuraist aithint ná rithfeadh do droichdheáibreacha (is deacair a rádh gur b'ionann an focal so agus droich-deagh-oibreacha) leat i gcómhnaidhe, beireadh sa bhfoghail sa deireadh ort: gníomhartha cama. Cad iad na deáibreacha so fút-sa ná fanfá i mbun do shuaimhnis?: an fuadar atá fút ná fuil aonnidh fóghanta ar siubhal agat: geáitsidhe: cúinsidhe clis. "Sin iad na deáibreacha aige", deirtear lé duine go dteangbhuigheann cinneamhaint do trí bheith róthugtha do bheith ag déanamh rudaidhe go neamhaireach, lé laochas nó lé haineólas. Olachán, argóint agus an t-achrann dosheachanta a leanas é, sin iad na deáibreacha ag an té ná cuireann Dia ar a leas é: na himtheachta ná bíonn ciall ná meabhair lé n-a gcleachtadh.

deaghrath: *f.3.* ádh mór, sonas, sliocht iomadamhail. Deaghrath ná raibh ar an té d'árduigh mo chuid leis: droichchrích go raibh air: pioc d'ádh an tsaogháil ná raibh air. Deaghrath go raibh oraibh, a lánamha: go raibh cuid mhaith cloinne agaibh. Sin barra ná beidh aon deaghrath air mar ná fuair sé a dhóthain leasuighthe. Gach áit dá ngabhair go raibh an deaghrath id bhóthar: ádh go leanaidh thu. Is ort-sa, ar mh'anam, a bhí an deaghrath a's Gaedhling do bheith agat ón gcliabhán: mór-ádh.

deaghrún: *f.1.* fonn maith; rud a coimeádtar go hanchluthair, inntin mhaith nó ghlan. Aon rud a bheadh agam lé tabhairt thabharfainn uaim lé deaghrún agus ní bheadh aon siar ná aniar agam leis: go toilteanamhail: go glanaigeanta. Tréis na mbliadhan do chaitheamh lé ragairne a's a chuid go léir nách mór caithte aige, dhein sé deaghrún nár bhris sé ón lá san go lá a bháis go leasóchadh sé a bheatha: socrughadh maith aigne. Cuarduigheadh árd is íseal díom, d'iarraidh beartha orm agus cé gur bh'eól don gceanntar ar fad cá rabhas i bhfolach do chongaibheadar n-a dheaghrún é: níor scéidheadar. Duine ait, dorcha, iargcúlta gan deaghrún aige d'aonne: ná machtnuigheann 'n-a aigne go soilbhir i dtaobh aonne.

deaghshompla: *f.4.* solaoid; múnla nó coipidhe maith lé haithris. An té ná téigheann chun aifrinn ná órd beannuighthe cé fhéadfadh deaghshompla críostaidhe do thabhairt air?: duine dréir a bheart gur chóir é do leanamhaint. An té ná faghann deaghshompla as a óige bíonn a rian air: ná tógann a mhuinntir mar is cóir é ní bhíonn sé ar fheabhas. Chuiris áthas orm gur thugais deaghshompla uait gur chuiris púnt san mbailiúchán: gur dheinis beart budh chóir d'aithris trí ghéibhinnighe na hócáide. Deaghshompla Gaedhealainge do labhrann an t-aimhirgineach Gaedhealaing gur bh'fhearrde sinn a haithris.

deaghshomplach: *a.* ionaithris. Ní deaghshomplach an t-iomchar duit ameasc na hóige cainnt dhraosta do bheith ar siubhal agat: níl sé dréir béas oireamhnach ná cóir le n-aithris air. A bhfuil lé clos annso agam níl ann ach déistin, b'fhearr liom cainnt éigin budh dheaghshomplaighe 'ná: is mó d'árdóchadh aigne dhuine.

deaghshláinte: *b.4.* sláinte anmhaith. Lé linn ólacháin deirtear mar ghuidhe, "fé thuairm do dheaghshláinte": go ndeárna an deoch so maith mhór dod shláinte. Is fada riamh go raibh aon deaghshláinte aige: is gnáthach leis gan bheith ar fóghnamh. "Ná raibh do dheaghshláinte ag aonne": sláinte iongtach.

deaghshláinteach: *a.* folláin i gcorp; saor ar aicíd, tinneas nó breóidhteacht. "B'fhearr liom 'ná ór na cruinne go mbein chómh deaghshláinteach leat" (rádh). Daoine deaghshláinteacha in áit fholláin cá bhfuil a leathscéal?

deaghthapaidh: *a.* rímhear, anphras, beódha, anluath, lán d'anam a's d'anáil ag déanamh aonnidh. Is deaghthapamhla ar sodar an capall san ná ar cosanáirde: is mira a shodar 'ná a rás. "Connus tá an seanduine anois? tá aós mór aige" – "go deaghthapaidh, chuirfeadh sé iongadh ort an méid oibre atá fós ann": gníomhach. Leathbhliadhain ó shoin ghabhas an treó so, ní raibh tigh ná láthair ann, nár dheaghthapaidh an obair an teach ósda mór san do bhí tógtha ó shoin?: luathlámhach: mear, pras. Gléas deaghthapaidh seadh gluaisteán: mórshiubhail. Gabha deaghthapaidh ná beadh i bhfad ag cur cruidhte fé chapall: luath: mear. Tá na Cómhachta Móra ag oibriughadh go deaghthapaidh ag déanamh lóin cogaidh: gan sos ar bith ar a mbeartaibh.

deaghthoil: *b.3.* inntin mhaith, ionraic; cneastacht; meón maith; deaghchroidheacht; dáiríre. Déanfad aon rud ar mo chumas duit lé deaghthoil is é is beag liom duit é: fonn mo chroidhe; gan doicheall. As a deaghthoil féin do rinne sé é, ní raibh iachall ná dualgas air a dhéanamh: a dheaghchroidheacht. "Sara gcríochnuighead an leitir seo, tá orm deaghthoil mhuinntir an tighe go léir do chur in iúil dhuit": deaghghuidhe. Ní lé deaghthoil do ghéilleann aonne a cheart: dá aindeóin.

deaghthoilteanach: *a.* go pras; go neamhmoilleamhail; deaghaigeanta. Is beag buachaill againn a théigheadh ar scoil go deaghthoilteanach ach go pusamhail, leasc: lé fonn. Leanbhaidhe deaghthoilteanacha ar thógadar de chlainn, bhí a rian air, is beag dá nduadh ná dá gclampar do fuaireadar: fonnmhara: féicheamhanta: do shíor réidh lé n-a ndualgas do chóimhlíonadh. Leisce an domhain do bhuail an dochtúir ar theacht ar bhfagháil fios do ná raibh airgead lé fagháil, ach dá mbeadh thiocfadh sé go deaghthoilteanach a's gach aon léim aige: go fonnmhar. Gheóbhair gur daoine deaghthoilteanacha nuair raghair 'n-a gcoidreamh atá ins an áit seo, a's go mbeidh anbháidheamhail leat: daonna: maitheasach: deaghghníomhach.

deaghuain: *b.5.* cao oireamhnach, seal (d'aimsir mhaith); aitreamh maith. Go dtugaidh Dia deaghuain bháis dot anam: tráth nó am sonais. Ní tháinighís ar aon deaghuain, tá gaoth mhór agus duartan agat: linn mhaith ádhmharach. Ní raibh aon deaghuain ag teacht treasna gen luing: aimsir mhaith níor bh'eadh í.

deaghuair: *b.2.* am tráthamhail, uain oireamhnach ionbhaidh. Á, is mór an t-ádh a bhí ort agus teacht ar dheaghuair, féach an tsín atá ann anois: lé linn na haimsire do bheith go maith. Á, tháinighís ar dheaghuair, in am an bhídh: uain thráthamhail. Ní deaghuair duit dul ar cuaird chun duine nuair bhíonn sé ar a phroinn: uain oireamhnach.

dealbh: *a.* bocht; gádhtarach; lom; follamh. Mo thruagh go dealbh thu, a's ná creid a mhalairt choidhche: go mór. Grádh dealbh é sin, a leinbhín, ná bí ag gol: ar mo chroidhe istigh. Tá an saoghal dealbh fé airgead anois, gach aonne ag gearán: ceal airgid air. Níl aonne is deilbhe 'ná an té go mbíonn croidhe dealbh aige: croidhe gan fearamhlacht: sprionnlaithe. Ní daoine dealbha iad ach is dealbh an tigh a bhíos aca: is dona do chothuighid iad féin. Cisdinn dhealbh a bhí sa tigh: gan í innealta fé áruistidhibh mar budh chóir. "Is maith leis na mnáibh dealbha an bhláthach": bochta. Nách dealbh an talamh é sin: lom. Tá mo phócaidhe chómh dealbh (ó airgead) lé croidhe mo dheárnan: lom: gan faic. "Connus tá an duine breóidhte?" – "dealbh go maith": suarach, breóidhte. "Níl tighearnas, talamh ná airgead agam, ná aonnidh as go ndéanfainn é" – "is dealbh an scéal agat é": dian, deacrach. "Tá gabhair thobac orm, a's níl oiread agam agus chuirfinn fém fhiacail" – "is deilbhe liom orm féin é": is annacraighe go mór agus go fada. "Cad é an méid airgid atá agat?" – "scilling" – "dealbh": is ar a luighead. Mo ghradhain go dealbh é, is air do chuir Dia an t-anródh d'iarraidh maireachtaint ar an bhfaidhb sin: go truaighmhéileach. Budh dhealbh an lá agam é: níl aon tseilg tréis an lae agam.

dealbh: (**deilbh**) *b.2.* cuma, crot, deallramh; déanamh; fighe agus tochrais; ioghar; íomhágh; beartughadh; ag cóiriughadh an dlútha (ar fhalla) i gcóir an innigh. Chómh caithte, croithte sin don fhear bhocht ná fuil a dheilbh san éadach: íoghar nó clódhchruth an chuirp. Níor tosnuigheadh ar thógaint fós, nílid ach ag dealbh an tighe: ghá shíneadh amach: ag beartughadh an déanaimh atá lé bheith air. A dealbh mná ní fheaca ar aonne fós riamh lé córaidheacht is líomhthacht: an chuma, an déanamh taithneamhach a bhí ar a ballaibh beatha. Chuir an dealbh a bhí ortha – cuma an ocrais agus ceal éadaigh – maoithneachas orm: an clódh olc. Níor fhág an galar dealbh dreóilín aige: toirt: méid. Chaitheadh sí an lá ar chealgán a glún ag paidireóireacht os chómhair deilbhe na Maighdine Muire: samhail oibrighthe as cloich nó a lithéid. Tá na mná ag dealbh indiugh: ag cur an dlútha ar chrannaibh, ghá chur in eagar i gcóir an fhigheadóra. Ní maith an dealbh atá ort: ní thaidhbhsighir go maith dhom: cuma ort ná taithnigheann liom.

dealbhach: *f.1.* duine fíorbhocht; duine truaill. Ní h-ameasc na ndealbhach is fearr lé gaige fáslaigh mar tusa do bheith ach ameasc na sealbhach: ní hiad na daoine bochta ach na daoine go bhfuil rud aca is méine leat-sa do choidreamh. Nuair fiafruightear le duine an mbíonn rud áirighthe aige agus go bhfreagrann ná bíonn, deirtear leis "dealbhach seadh thu": duine in éaghmais an ruda san.

dealbhach: *a.* deaghchúmtha, crotamhail, líomhtha, deallramhtach. Cuma dhealbhach ar nós an chapaill ráis air: déanta, córach mar é. Fear dealbhach nár mhór do mhnaoi leacsteamárach mar í sin mar chéile: dathamhail, córach. Long dhealbhach go maith seadh í, níor bh'iongadh liom í bheith intseólta: cúmtha déanta go láidir daingean.

dealbhadh: *f.* (*-bhtha*) do chúmadh, do shíneadh amach mar tigh, long, etc., do dhéanamh, do chur an dlútha in eagar i gcóir fighte. An chuid is deacra den saoirseacht na clocha cúinne do dhealbhadh: d'ullmhughadh go mbeidís oireamhnach i gceart lé n-a gcur. Cá fhaid do chaith Dia ag dealbhadh an domhain?: ghá chruthnughadh. Níl sé chómh furaiste agus budh dhóigh lé duine tigh do dhealbhadh 'n-a cheart: an fotha agus

na fallaidhe do bheartughadh in ionannas. Saor seadh é a bhíos ag dealbhadh as chloich: ag snoighe cosamhlachta aiste.

dealbhadóir: *f.3.* duine a shnoigheas cosamhlacht nidhthe as chloich nó as adhmad nó as mhiotal; cruthnuightheóir. Ní deacair a rádh ná gur maith an dealbhadóir Dia: cruthnuightheóir. Dealbhadóir cloiche a dheilbh an fear píce sin: fear a oibrigheas samhalta (daoine etc.) as chloich le casúr a's siséal.

dealbhas: *f.1.* bochtanacht mhór, amhgar, uireasbhaidh, fíor-fíorbheagán; sprionnlaitheacht, stiocaireacht croidhe. D'imthigh an dúthaigh chun dealbhais ó theip an t-iascach: chun deiridh, chun bochtanachta. Nách beag an síntiús do thug sé uaidh, ní dul ón ndealbhas riamh do é: níor scar an sprionnlaitheacht riamh leis. "Cad tá agat?" – "scilling" – "níl agat ach an dealbhas": fíorbheagán: an oiread san nách fiú trácht air. D'ith an dealbhas é, ní raibh luid den éadach air, ná faic lé n-itheadh aige: uireasbhaidh ar gach slighe. Ní lé heasbhaidh ná ceal a bhíonn an fear san chómh coigilteach san ach lé dealbhas croidhe: ceal fairsinge spiride, neamhfhonn caitheamh leis féin. Níl aon dealbhas 'n-a chroidhe dhuit, dhéanfadh sé a bhféadfadh sé dhuit: doicheall. Furmhór na ndaoine bíd d'iarraidh a ndealbhais do chosc ar chách agus a ndíomhaointeas ortha féin (rádh): ceal: bochtanacht. Chaitheadar teicheadh ón áit lé dealbhas na talmhan: olcas: ceal tabhartha tortha. Níl im phóca ach an dealbhas: níl puinn is fiú lé rádh ann. Ní do lucht sealbhais ach do lucht dealbhais do ceapadh an mhírdhéirc: daoine go raibh uireasbhaidh ortha.

dealbhtha: (**deilbhthe, deilbhighthe**) *a.r.* cúmtha, clóidhte, déanta, tairngthe i bhfuirm, líomhtha, sínte amach; córach. "Nách mion an t-iasc é sin" – "léan air níl sé ach deilbhighthe": cruthnuighthe: beag, bídeach. Is maith dealbhtha an gluaisteán nuadh é sin agat: curtha lé chéile go daingean, córach. Seo mar tá an áit dealbhtha – cnuic árda thuaidh thoir agus theas air, a lár íseal agus geannc fhada thalmhan amach 'on bhfarraige, cúmtha; an déanamh atá air. "Cad é an chuma fir a bhí air? tabhair a chómharthaidhe dhom" – "fear cuibheasach árd, dealbhtha caol": fuinnte ar a chéile: tochraiste: déanta go líomhtha. Cathain bheidh an snáithín dealbhtha agaibh, a mhná?: an dlúth curtha in eagar i gcóir a chur sa tseól lé haghaidh a fhighte. Cuid des na mnáibh gur neamhdheilbhighthe leó na bróga do deintear sa tír seo do chaitheamh: gan an déanamh ceart, taithneamhach, cómhnaimseardha do bheith ortha! Ní thaithnigheann na háruistidhe lé mnaoi an tighe, is neamhdheilbhighthe léi iad: níl múnla so-amhairc ortha dar léi: iad neamhchúmtha.

dealbhthóir: *f.3.* duine a chúmas nó a cheapas. Fuair dealbhthóiridhe Bunreachta Éireann moladh mór ar fheabhas a bhí sé deilbhighthe: an dream a thairng é: a chuir lé chéile in eagar cheart, riaghalta. Cé hé an dealbhthóir a gheóbhfas na buinn craoibhe lé déanamh?: an déantóir. An Paorach an dealbhthóir a dheilbh an fear píce atá i dTráighlí: snoigheadóir samhalta. Sé Dia dealbhthóir an domhain a's a bhfuil ann: an té a chruthnuigh.

dealbhthóireacht: *b.3.* déanamh nó cúmadh dealbh nó samhalta as chloich lé siséal; cúmadh nó ceapadh. Budh dheacair a dhéanamh amach an dealbhthóireacht cinn duine a bhí ar an gcloich mar bhí sí síonchaithte: greanadh nó obair siséil. Ní hé dealbhthóireacht

an tighe an chuid is daoire dhe ach a leanas é, troscán, etc.: an chuid lasmuigh dhe, an ceann a's na fallaidhe.

dealbhughadh: *f.* (*-uighthe*) bochtnughadh, lomadh, scriosadh. Na trollairidhe a thagas ag iascach tar lear atá ag dealbhughadh na háite seo ar iasc: ghá scrios. Don té ná bíonn ach fíorbheagán aige is mór an dealbhughadh dho púnt: an cur chun deiridh. Ghom dhealbhughadh féin ag cabhradh lé daoinibh eile: ghom bhochtnughadh féin. Ag síorchur gan leasughadh seadh bheith ag dealbhughadh na talmhan: ag cur tabhartha na cré ar gcúl.

dealbhuighim: *b.a.* bochtnuighim, lomaim, scriosaim, laguighim. Dhealbhuigh, rud a bhí ábalta air é, breóidhteacht agus míorath an tsaoghail, nár fhágadar faic aige: dhein bocht é. Ná tabhair a thuilleadh dhom, tá mo dhóthain agam, ná dealbhuigh thu féin ar fad: ná luigheaduigh do chuid ar mo shon-sa. "Nár dhealbhuighidh Dia thu", deirtear lé duine a thugas rud uaidh. "Nár dhealbhuighidh Dia sinn ná aonne a ghoillfeadh ná a fhóirfeadh orainn", (rádh lé linn scéil amhgair do chlos). Téighimís ag imirt chártaidhe leis a's dealbhuighimís é: scriosaimís é, feanaimís é dáiríre. Cad dhealbhuigh an gort san?: cad lomuigh é.

dealbhuighim: *b.a.* [**deilbhighim, dealbhaim**] cúmaim, cuirim i gcruth. Deilbhightear tigh sara dtosnuightear ar a thógaint .i. síntear amach an fotha agus scartar 'n-a thímcheall. Pé duine a dheilbhigh an hata niamhair seo bhí méar aige: a chúm mar mhódh. Ní hag fagháil lochta ar thabharthas Dé é, ach is deacair a rádh gurb é a dheilbhigh an duine fiadhain sin: a chúm nó a chruthnuigh é. Dá ndeilbhighteá dom an nadhbhóg mo thuairm go ndéanfainn féin í: dá ndéinteá an fonnadh do shíneadh amach dom. Is láidir, daingean mar deilbhightí dóirse seanchaisleán anallóid: fuirm a's déanamh do thabhairt ortha.

dealg: *f.1.* birín géar, cruaidh a fhásas ar rasaibh; biorán; eó; rinn sceine, cloidhimh etc. Dealg Mhuire. "Is beag an dealg ná néann braon" (rádh) .i. "ní lugha frigh 'ná máthair an uilc": is minic gur cúis anbheag a bhíos lé tubaist mhóir. Rádh coitcheann so ghá chur 'n-a luighe ar an óige cumaisc do sheachaint. "Focal amadáin nó dealg lathaighe" (seanrádh) .i. go mbíonn ceann aca chómh géar, gonta leis an gceann eile. An dealg a tógtar sa lathaigh ní bhriseann agus téigheann go beó: go minic, minic goineann focal daoi níos géire 'ná focal saoi. Chuiris dealg ionam nuair dubhrais gur chóra dhom mo chúram féin do dhéanamh 'ná bheith ag cur isteach ar chúram dhaoine eile: ghoinis me: do ghoill do chuid cainnte orm. Dealg seadh bheith ag díol ocht déag (scillinge) fén bpúnt: ciapadh: gortughadh: rud míothaithneamhach. Léim dealg as an gcrann iomchair, amach leis an roth, a's buaileadh a béal fén dtrucail: an biorán iarainn a bhíos sáidhte i gceann an agastair chun na rotha do chongbháil in ionad. Cuireadh an dealg trí chliathán ár Slánuightheóra: tairnge mór, slat fhada iarainn bioruighthe ar cheann di. Cuireadh an dealg i ndeárnáin ár Slánuightheóra: an spíce géar. Croch do chasóg ar dhealg éigin: ar phionna (adhmaid, etc.). Chuaidh dealg i mbeó agam: gonadh go croidhe me.

dealgach: *a.* lán de bhearaibh géara, fadhbach, doiréidhte, buadhartha; ciapuightheach. Fás dealgach seadh sceacha: bíonn fadharcáin bheaga, chruadha, ghéara ag fás ar an slait

féin. Iasc dealgach seadh deargán: go gclipidhibh droma géara a gheóbhadh tríot go beó. Gort dealgach seadh é lán de gheósadánaibh colgach: beara géara tríd ar a fhuaid ar fad. Tair chun m'fhóirteantha, tá ceist dhealgach annso agam atá ag dul díom: ceist aimhréidh. An na seanbhrógaibh a bhí orm, anacaireacht an bhóthair agus teas na haimsire geallaim duit go raibh seal dealgach agam: seal curaidh, clamparach.

deallramh: *f.1.* cuma, crot, clódh, cosamhlacht, comórtas, aiste, taidhleacht. "Beidh cogadh againn fé mhí ó indiu" – "tá deallramh leat!" (searbhas): fuaimeant léd ghlór! "Gheóbhaidh gach aonne ó thrí fichid bliadhain amach anois táille ón Riaghaltas" – "tá deallramh leat a's budh ghnáth leat san!" (seanbhlas): tá cuma na fírinne ar do scéal! "Cad é an saghas fir é?" – "ar do dheallramh féin, deilbhighthe, cruaidh, dubh": cuma, clódh. Nuair chonnaic an ghasradh seanbhan an bunóc nuadhshaoghaluighthe phriocadar a chéile agus chograigheadar: "is beag de dheallramh a athar air!": cosamhlacht: fearacht: cómhchuma. Ar mbeith i ndeallramh áirighthe di d'iarr sí ar an té budh bhun leis í do phósadh: ag iomchar clainne. Is mór an feabhas do chuaidh lé déidheanaighe ort, táir id dheallramh féin airís: an clódh gnáth. Ní fhéadfadh aonne a rádh nách fear maith é, ach níl sé chómh maith lé n-a dheallramh (a's tá deallramh air): chómh maith is thaidhbhsigheann sé. "Is eagal liom ná téarnóchaidh sé i bhfad, tá an-drochchuma air" – "tá gach aon deallramh aige leis": níl a mhalairt de chuma air. "An b'as de mheabhair do bhís? cad é an deallramh a bhí agat lé púnt do thabhairt ar an leadhb san de hata?": cad é an chiall? Bíonn deallramh leis gach aon scéal, ach leigeant dá mhnaoi é do chothughadh agus bheith ag achrann annsan léi: is beag cúrsa dá aite ná gur féidir maitheamhnas do thabhairt ann, ach maidir leis seo sé an chailc é. "Nuair labharfainn bheadh deallramh liom": dá mise thusa ní osclóchainn mo bhéal gan fuaimeant do bheith lém ráidhtibh. "Táim deimhnightheach go bhfuil an fear san cheithre fichid (bliadhain)" – "is fada ó n-a dheallramh é": níl sé de chuma air. Ní deimhnighthighe biana ar bhata bacaigh 'ná go mbrisfear thú mara gcuirir deallramh ort féin (chun oibre): corruighe agus mothalughadh: cuma go bhfuil fonn oibre ort nó do ghnóth do chur chun cinn. Tá deallramh éigin anois leat, tá do thigh féin agat a's ní gádh dhuit bheith ag brath ar theinteánaibh na ndaoine eile: chuirfeadh an chuma atá anois ort in iúil go bhfuil bun ort ná raibh ort. Deallramh báistighe (drúchta, sneachtaidh etc.): dréir cómharthaidhe is í sin sín a thiocfas orainn. Cuireann éadach deallramh ar gach aonne dá olcas crot: cuma mhaith. Baineann sé lé deallramh dá dteastuigheadh sé uaidh agus é bheith dhá fhagháil in aisce aige go nglacfadh sé é: is móide: is deacair a rádh ná go ndéanfadh: tá gach fáth ar a thaobh. D'éag mac leó indé a's níl ach ráithe ó adhlacadh inghean leo, níl aon deallramh leo: tá an donas ortha. Dréir mo thuairme-se níl an capall san in aon deallramh ráis: é do bheith de chuma air go mbeadh rás ann. Ná tabhair breith ar aonne dréir a dheallraimh: mar thaidhbhsigheann sé duit. Tá do chuid éadaigh ar fad ar dheallramh a chéile anois agat: tugtha ar aon rian: ionann in olcadas. Ar do dheallramh féin atá sé agat: tá sé laitighthe agat, agus ní bheadh súil lé n-a mhalairt ó dhuine tuathalach mar thu. "Connus mar thaithnigheann leat atá ag éirghe liom?" – "tá deallramh mór ort!" (searbhas): níl sé de chuma ort go ndéanfair aonnidh cóir. D'aithnigheas ná stadfá dá lat go gcuirfeá ó dheallramh ar fad é: go ndéanfá é do mhilleadh ar fad, ar fad. D'imthigh an deallramh di: chaill sí a háilneacht.

deallramhach: [**deallramhthach, deallramhtach**] *a.* cosamhail le, deaghchlóidh, dathamhail, cuma na fírinne. "Faid mhairfir gur deallramhach leat féin do ghnóth" (searbhas). Deirtear so lé duine a ghnidheas rud tuathalach nó aimlidhthe. "Beidh cogadh ann sara fada" – "is deallramhach (deamhrach, deárach) é": tá gach aon ghaol aige leis: sin é cuma atá air. Is deallramhach an mac lé n-a athair é, an tsrón chéadna agus na súile céadna: cosamhail. "Ceannóchad an bád san ar chéad púnt" – "is deallramhach san leat (léd phóca)" (searbhas): is fada buidhe uait é. "Sé Séamas a cheannóchas an áit sin mar tá an t-airgead aige chuige" – "is deallramhach san": níl aon amhras air. "Throidfead Sasana ar thaobh na Frainnce, ar a son féin" – "is deallramhach san": ní féidir sin do shéanadh. Budh dheallramhtaighe go mór liom fanacht ar an dtalamh tirim nó dul ar an bhfarraige féin 'ná dul anáirde san aer: thaidhbhseóchadh sé níos sábhálta: is mó thaithneóchadh sé liom: budh bhlasta liom é. Fear deallramhach seadh é sin, dearc ar a ghéagaibh, a ghuailnibh a's an tslighe do chuireann sé bóthar de: cumasach: ar fhéachaint air aithneofí do dhuine gur togha fir é. Budh dheallramhtaighe liom-sa Tomás do bhuadhachtaint an toghaidh seo 'ná an fear eile, mar tá mórán cáirde sa cheanntar aige: thaidhbhseóchadh sé go mór níos éirighthighe dhom de chionn an ruda atá ainmnighthe agam. "Is minic do bhíonn deallramhtach cailleamhnach" (seanfhocal): dréir mar thaidhbhsigheann rud ní gheallann sé. Réim an domhain fútha anois, ach is cuimhin liom-sa tréimhse ná rabhadar chómh deallramhtach: chómh cumasach. Ná cuireadh a ghothaidhe aon eagla ort, táir deallramhtach do dhóthain do: de chuma ort gur cómh dho thu, nó b'fhéidir gur fearr tú 'ná é. Cailín deallramhach a thógfadh aonne gan spréidh gan airgead: dathamhail, sciamhach. Stadaimís ag iascach annso, áit dheallramhach seadh é: áit go dtaidhbhseófí dhuit go mbeadh iasc le fagháil ann.

deallramhail: *a.* deaghchuma, galánta. Thaidhbhsigh deallramhail go maith do mhuinntir an bhaile go dtabharfaidís aon rud ar cáirde do: meastamhail, deighthréitheach. Buachaill deallramhail seadh é agus níl baoghal ná go mbeidh sé éirightheach; chómh luath agus chídhfeá é chuirfeá tuath ann: an clódh agus an t-imtheacht maith atá fé chuirfeadh iad féin 'n-a luighe ort féin gan mhoill. Níor dheallramhla riamh cómhachta na hEóraipe chun cogaidh – an armáil go léir atá dhá bhailiughadh aca, an gríosadh ar na daoinibh chun luighe leis an arm agus an spochaireacht atá 'ge n-a lucht labhartha dhá dhéanamh ar a chéile: níor chosamhla: ní rabhadar riamh chómh haibidh chun a chéile.

deallruighim: *b.a. 7 n-a.* taidhbhsighim. Deallruighir ná fuil aon fhonn síothchána ort ar a bhuirbe labhrair agus a neamhspleádhachaighe: dréir an imtheachta atá fút, mar ghnír, mar tá fuadar fút. "Sé fuadar atá fútha so ná staonfaid go millid sinn" – "deallruighim é": sin mar tuigtear domsa, leis. Dheallruigh an dochtúir ar na cómharthaidhibh breóidhtighe a bhí air gur gheairrid é a chartas: bhreithnigh nó mheádhuigh sé gur gheairrid a shaoghal. "Tugadh saorbhreith ar an bhfear úd a bhí istigh lé marbhadh na seanmhná" – "deallruigheann san go raibh an ceart agam nuair dubhairt go raibh sé saor uirthe": deimhnigheann san etc. "Connus dheallruighim duit?" – "go diail ar fad": thaidhbhsighim i sláinte dhuit. "Deallruighim ort ná fuil puinn fonn ort t'fhiacha d'íoc": is é an tátall do bhainim as do ghníomharthaibh é. Dheallróchainn do ghníomh is fearr 'ná fiadhnaise bréige: chuirfinn 'n-a leith, mheasfainn do é. Deallruighim ort go bhfuil fearg ort chugham: déinim amach é dréir comharthaidhe. Cé dheallróchadh air gur bhitheamhnach é agus an chuma mhín, mhacánta a bhíodh air ameasc na ndaoine: cé bhainfeadh mar

thátall as an gclódh a bhí air é. Dheallruigh sé lé máirnéalach mé an túisce a's chonnaic sé me as a shiubhal a bhí agam: chuir sé i gcosamhlacht leis me. Go ndeallróchadh sé gur chailín galánta í chuir sí tuine (tine) ar a cuid cainnte: go dtaidhbhseóchadh sé: go mbeadh san de chrot air. Ní mar a chéile dheallruigheann an scéal céadna do gach aon bheirt: machtnuightear dóibh é. "Cailín beag, deas, glan seadh me" – "deallruigheann san léd dhá chois (salacha)": réidhtigheann san leis an salachar atá ort. Deallruighim go bhfuil aicíd an-olc tímcheall an cheanntair: dréir mar chloisim is é mo meádhadh. "Cad dheallrófá as an leitir seo?" – "dheallrófainn rud maith": mheádhfainn. Ní dheallrófá lé faic tréis na hoidhche é ach leis an mbás: ní chuirfeá i gcosamhlacht. Uaireannta dheallruigheann sé go maith agus uaireannta ná deineann. "An ndeallrófá air cad bhí ar maoith aige?" – "ní dheallrófá, bhí sé ródhoimhin": ní thuairmeófá. Duine gan aon bhreitheamhantas a dheallróchadh leat go rabhais as an slighe: a thuairmeóchadh duit etc.

deallruightheach: *a.* deaghfhéachain, ar chuma mhaith; cosamhail. Is deallruighthighe 'ná riamh lé hárdughadh cánach sinn óir tá breis chostais in aghaidh an lae ar an ndúthaigh: is mó de chuma air 'ná bhí. Ní deallruightheach an scéal atá agat: scéal gan blas gan dath air. Bean dheallruightheach dob eadh í go seasófá annsúd ag féachaint air: bean agus cuma bhreágh uirthe.

deallruighthighe: *b.4.* ar aiste, cuma mhaith. Ag dul i ndeallruighthighe atá sí an uile lá, bail ó Dhia uirthe: cuma níos feárr (níos áilne) ag teacht uirthe. Budh mhór an neamhchoinne do gur theip sé fén scrúdughadh agus a dheallruighthighe a bhí sé ar éirghe leis: an chuma chaothamhail a bhí air.

dealughadh: *f.* (*-uighthe*) scaradh, do scaradh, deighilt, roinnt. In áit go raibh scruig sa téid dhein sí dealughadh gur bhris: dhein dhá chuid di. Nádúir na máthar nách maith léi dealughadh lé n-a clainn, chaillfeadh sí a mbeadh 'n-a cois a's n-a láimh lé n-a gcoimeád aice féin: scaradh: a n-imtheacht uaithe. Faid bheidh dealughadh idir roinnt bheag d'Éirinn den dtaobh thuaidh agus an taobh theas coir ar Shasana seadh í: deighilt. Sé a chúram in oifig an phuist bheith ag dealughadh leitreach: ghá ndeascadh: ghá ndeighilt agus ghá gcur 'n-a n-ionadaibh cearta lé n-a gcur ar a dtriall. Creideann an uile-Chríostaidhe go maireann an t-anam tréis dealuighthe dho leis an gcolainn: tréis iad d'imtheacht ó chéile. "Is fearr dealughadh maith ná drochphósadh" (seanfhocal): scaramhaint, scaoileadh. Choidhche ní thiocfaidh aon dealughadh eadrainn ach an bás!: aon scaramhaint: aon imtheacht ó chéile: aon deighilt. Is oth liom a rádh go bhfuilim ag dealughadh lém neart: é ag éalódh uaim. Ná bí ag dealughadh an leinbhín ó n-a mham!: ghá mhealladh uaithe!

dealuighim: *b.a.* $_{7}$ *n-a.* scaraim, fuaduighim, imthighim, deighlim. Dhealuigh an téad n-a lár lé strus an tairng(e): scar as a chéile. Ná dealuigh an scilling dhéidheanach leis an bhfear bocht, bíodh trócaire leat: ná tóg uaidh nó ná bain de í, cam nó díreach. Níor dhealuighis riamh mo ghradhain thu lé pingin id phóca: ní rabhais riamh gan. Dealuigh na cártaidhe sin, tá an iomad muilleat i dteannta chéile: cuir ó chéile iad. Má tá aithne agat ar do chuid féin caorach dealuigh ar an dtréad iad: toigh iad: scar iad: cuir i leathtaoibh iad ón gcuid eile. "Leis an gcloidheamh meirg dhealuigh sé a cheann leis an gcolainn ag an bhfathach": scar sé: theasc sé an ceann de. Dream póiteamhail nár dhealuigh riamh ón

ólachán: nár thréig riamh é. Tá beannán mór i mbéal an chuasa a dhealuigheas ó gach faill eile í: a chómharthuigheas: a chuirfeadh in iúil duit í seachas an chuid eile.

dealuighthe: *a.r.* scartha, deighilte, deárscnach, soluighthe. Lá dealuighthe an anama: lá báis. B'fhearr liom an fhiacal so bheith dealuighthe léi 'ná rud maith ar a bhfuil de thinneas innte: scartha léi. Scoláire dealuighthe Gaedhealainge dob eadh Seán Ó Donnabháin: clúiteach: áitrighthe. Ó Cheann Sléibhe chídhfeá uait ó dheas sa mhuir fhairsing dhá charraig dhealuighthe n-a n-aonar: soiléasta.

deamhan: *f.1.* anspirid; duine buile. Deamhan ná diabhal ní chuirfeadh eagla air: an chómhacht is measa agus is nimhnighe. Níl an inchinn mar budh chóir aige dar leis go mbíonn na deamhain aoir ag gabháil de: droichspirideanna a lonnuigheas os ár gcionn: aingil an uabhair. Diabhal ná deamhan ní chuirfeadh iachall orm corruighe as so: cómhacht ar bith dá dhéine. Dia idir sinn is an t-olc is uathbhásach an dream iad, ní bhíonn aca ach diabhail a's deamhain a's achrann: mallachtughadh a's eascuinighe. "Ag dul ó thigh an diabhail go tigh an deamhain do dul ó shiopadóireacht go feirmeóireacht: ó olcas go donas. "Bhfuil airgead agat?" – "a dheamhan pioc": níl a rian. An deamhan go n-árduighidh leis mise má chabhraim lé duine ná cabharfadh liom: droichimtheacht nó droichchrích go raibh orm. Sin duine go bhfuil cóngnamh ón ndeamhan aige: duine go bhfuil anspirid istigh ann.

deamhas: *f.1.* buille. Thug sé deamhas fén gcorrán do do chuir ar lár é: buille maith, teann. Is maith d'oirfeadh deamhas don scaothaire sin: buille a mhíneóchadh é.

deamhasáil: *b.3.* bualadh bríoghmhar. Thug cóip na sráide deamhasáil an anama dho lé dóirnibh agus le bataidhibh, gur bh'éigean don ndochtúir é d'iondrabháil: tuargaint: suathadh agus gortughadh.

deamhnaidhe: *a. n-dh.* urchóideach, diablaidhe. Tigh deamhnaidhe é sin nách eól na droichbhearta do thárluigheann ann: uathbhásach le hurchóid. Na bliadhanta i gcarcar gan solas lae aige, cuibhrighthe lé slabhraidhibh i gcois 'si láimh, nár dheamhnaidhe an déanamh é: díreach mar dhéanfadh deamhan nó diabhal: ró-éigeanach.

déanadas: *f.1.* gníomh, déanamh, rud éigin déanta, críochnughadh, tionnscal; iarracht ar rud do dhéanamh. Dá mbeadh aon déanadas ann bheadh sé i bhfad níos fearr, ach ní mhothaluigheann sé é féin chun aonnidh do dhéanamh: beart chun gnótha nó gnímh. Dá mbeadh an déanadas sa scoil ní bhfaghadh an oiread cigiridhe locht uirthe: an bhrigh chun a cúirim do dhéanamh mar bhíonn súil leis. Bhailigh sé sin maoin lé n-a dhéanadas, is beag faillighe do thug sé 'n-a ghnóth ná in aon chao a bhéarfadh breis air: dícheallacht.

déanaim: (**déinim**) "Raghad-sa agus tógfad airgead as an mbannc lé tabhairt ar son na carthanachta so" – "déinim leat": déanfad-sa an céadna. "Rud ná taithnigheann liom in ao'chor bheith ag tromaidheacht ar an té ná bíonn i láthair" – "déinim leat": tagaim leat: aontuighim leat. Déin air, ná cúl uaidh: druid leis. Dheineas fén dtigh chómh tiugh in Éirinn agus bhí im chosaibh d'fhéachaint an mbéarfainn ar aon phioc de gan dóghadh: luathuigheas. Dhein sé fúm isteach gan aon choinne agam leis: d'ionnsaidh sé me go

neamhmuinnteardha. Dein leis an dtigh go haicillidhe neamhghlórach, ná cloiseadh aonne glór uait: druid leis: teighir 'n-a aice. Dhéanfadh an t-arm tréan úd tríd an ndúthaigh gan cosc: ghluaisfidís go buacach. Dá n-aithdhéantí thu budh thu an fear céadna, ní haon fheabhas do raghadh ort: tú do chruthnughadh airís. "Níor ghábhadh dhuit nár leig do féin, agus é do scaoileadh thart" – "cad n-a thaobh nár leig seisean dom-sa?" – "níl annsan ar fad ach "déinir orm", "déinim ort": cúis agat orm-sa, cúis agam-sa ortsa. Pós mé, is duit a deineadh me: táim oireamhnach duit ar gach slighe. Déin leis an meid seo aráin ar feadh an lae, bíodh ocras ort nó dhíot: gaibh leis: dein do chúram leis. Déin na cártaidhe – sé ranna: scúig amach a chuid féin chun gach cearrbhaigh. Aithnighim ar na cnámhaibh atá fút go ndéanfaidh fear breágh dhíot fós: go bhfásfair it fhear etc. Déinim amach gur fearr bheadh duine ar an saoghal lasmuigh d'fheicsint ná fanamhaint do shíor sa bhaile: is é mo thuairm tréis machtnaimh é. Chuireas feighre bróg dhá dhéanamh go dtín gréasaidhe: thugas ordughadh dho agus ghaibh leis. Sin a bhfaghair anois, an púnt san, dein as, nó bíodh thiar ort: déin do ghnóth leis. Dá gcloisteá ag maoidheamh é, cad ná déanfadh sé: ar a chainnt bhéil dhéanfadh gníomhartha ná féadfadh aonne eile baint leó. Dhéanfainn duit mar dhéanfá dhom: mar bheidhfeá liom bheinn leat.

déanamh: *f.1.* (*-nta*) cur ar bun, cruthnughadh, cur lé chéile; cuma, cóiriughadh; iondrabháil. Tréis a shaoghail ag obair dhóibh agus ag tarang chúcha, b'olc an déanamh do thugadar do, é do chur amach: an cóiriughadh nó an iondrabháil do fuair sé. Ní mhaireann sé an té a ghearánfadh ar an ndéanamh do fuaireas, biadh agus deoch siar síos agus cuireadh fanacht faid budh mhaith liom é: ceann maith: aire agus úidh. "Tá daoine ann atá ag fagháil na mírdhéirce agus ba agus talamh aca, daoine eile gan luid aca a's ní bhfaghaid faic; is é a dhéanamh é!: a lithéid d'iondrabháil: droichcheann: gan a gceart do thabhairt dóibh dréir córach. Ná tabhair droich-dhéanamh don éadach nó tabharfaidh an t-éadach droch-dhéanamh duit: droichcheann. Do chuir sé in iúil dóibh go luath dréir dhaonnachta a iomchair agus a dhearbhughadh nár bhaoghal dóibh agus an déanaimh onóraigh do thug sé dhóibh nár ghábhadh dhóibh aon eagla do bheith ortha: an tslighe 'n-ar bhain sé leó. Is mó an caitheamh 'ná an déanamh atá san bhfeirm seo, ní feirm fhagháltaiseach í: sochar. Scata mór clainne aige nách aon ghái ridhe iad do chothughadh gan déanamh in aonne aca: aonne aca ag tuilleamh aonnidh do chabharfadh lé congbháil an tighe. Sé an cómhartha go bhfuil slighe éigin déanta aige go mbíonn sé aige lé caitheamh: teacht isteach: sochar do bhailiughadh. Bróga gan aon déanamh atá 'n-a leighcidhibh rómhór: cuma chórach. Ní fuláir liom nó bhí sé an-láidir ar an ndéanamh atá air: cuma thaithneamhach, sho-amhairc. "Goirtigheadh go maith é" – "tuilleadh na tubaiste chuige, sé a dhéanamh féin é, ní fhéadfadh sé gan bheith ag méaráil ar úirlisidhibh gan aon eolas aige ar a n-iondrabháil": é féin is bun leis. A dhéanta féin é do bheith bocht nuair bhí rud aige níor thug sé aire dho ach é do scaipeadh go haindeis a's go hamadántamhail: a dheáibhreacha féin: a dheónta féin: a ghníomhartha féin. Chonnaic sé an truth ag déanamh air a's scannruigh sé: ag teacht fé n-a dhéin. "Cad é an t-am é?" – "ag déanamh ar a sé": ag druideam le. Beidh an bás ag déanamh orm an uile lá anois: ag teacht níos giorra dhom. Ag déanamh fén mbaile do bhíodar a's ní ghá fhágaint nuair d'éirigh an tionóisc dóibh: ag dul chun etc. Dá fhaid do cuirtear ar gcúl cogadh mór san Eóraip níl amhras ná go bhfuil na Cómhachta Móra ag déanamh fé: ag ullamhughadh 'n-a chóir. Sin roinnt airgid agat, bí ag déanamh as go h-aireach: ghá chur i bhfaid agus ag baint an méid sochair as is féidir. Bíonn Dia ag déanamh dúinn i gcómhnaidhe, moladh

go deo leis: ag tabhairt a chabhartha dhúinn. Ag déanamh go rabhais i dTráighlí seadh bhí sé go dtáinig sé annso féd bhrághaid, dar leis: ag machtnamh. Bíonn an chuid is fearr den mbiadh agat-sa agus mise ag déanamh le arán a's bainne: ag brath air: i dtaoibh le. Ag déanamh treasna an choirce do bhí sé ghá phasáil: ag gabháil go fuadarach. Cé leis déanamh (na gcártaidhe) an turus so?: iad do scughadh agus do roinnt ar na himirtheóiridhibh. Bíonn breith idir lámhaibh ag fear déanta na gcártaidhe: an fear a scughas iad bíonn an chúig ag teacht isteach chuige. Níor bh'fhearr liom bannc ar fad d'airgead ná déanamh mo ghnótha dhe: oiread agus dhíolfadh m'fhiacha. Dá mbeadh rud lé déanamh agam ní bhrathfainn an aimsir chómh spadanta: aon nidh go gcaithfinn m'aimsir leis. Beidh sé gan déanamh a's bheith ag brath ar fhuairthé mar é sin: gan críochnughadh. Sínte siar do féin ag bun na gcarraigeach in imeall na mara, ag dearcadh uaidh ag déanamh a smaointe: ag machtnamh go doimhin: ag cur rudaidhe trí chéile 'n-a inchinn. Budh dheacair do déanamh roimis sa doircheacht in áit nár ghaibh sé riamh roimhe sin: ag sádhadh roimhe: ag brughadh roimis. Is baoghalach ná fuil déanamh an lae d'arán againn a's go gcaithfear tuilleadh d'fhagháil: tómas lae: oiread a's chuirfeadh an lá isteach d'arán. Ná bodhradh sé na daoine, tá déanamh beirte aige: dóthain. Sin déanamh bliadhna d'fheighre bróg: bróga a mhairfeadh an fhaid sin. Ag déanamh bháistighe (dhrúchta, shneachtaidh, ghaoithe etc): ag cur. Ag déanamh bróin (chumhaidh, mhagaidh, gháiridhe, etc.). Budh mhacánta an garsún é, ach tá an diabhal ag déanamh de: tá sé ag éirghe mar sin. Níl sé 'n-a dhéanamh tarcuisne do thabhairt d'aonne: ní hé an mianach atá ann é. Budh mhór an déanamh amach do an fear d'aimsiughadh i gcorp lár na cathrach iasachta gan seóladh gan stiúradh: an nochtadh, an ghéaraidheacht incheann agus chuardaigh.

déanmhas: *f.1.* an t-adhbhar go ndéantar rud as; an fighe nó an déanamh a bhíos ar éadaighibh. Duine fíorghalánta é sin, sin é déanmhas atá ann, budh dhual athar a's máthar do bheith mar sin: an t-adhbhar: an mianach. Ní bheidh na bróga san buan níl an déanmhas ceart leathair ionta: an leathar leasuighthe, cóirighthe mar budh cheart.

déanta: *a.r.* críochnuighthe, réidh, cúmtha, córach. Tá sé déanta anois: níl aon dul as: níl aon tarang siar: tá sé ó leigheas. Bíodh sé ag gleáchas liom, ní chuirim aon nath (eadh) ann, táim déanta ar a chleithmhagadh: bíodh sé ag déanamh grinn fúm...tá seantaithighe agam air. Nách déanta atáim leat chun bheith ghod chothughadh a's ná fuaireas feóirling riamh ded bharr!: nách mé atá buaidhte leat. Iad so a bhíos seandhéanta ar an mbochtanacht ní leath natha leó ocras do bheith ortha anois agus airís: seantaithightheach. Ná bíodh eagla ort go raghaidh do ghiolla amugha, tá sé déanta ar an áit: is eól do an uile chúinne, chor, pholl etc. ann. Maran me atá déanta leis an lá (seanbhlas), mo chuid oibre gan déanamh agus airgead caithte agam: is mise an té ná fuil faic buaidhte agam leis. Ar dtúis nuair ná rabhas déanta ar an obair seadh thagadh sí caoch orm: decair do dhéanamh nuair ná rabhas istigh uirthe. Rud indéanta seadh tigh do thógaint, soidhéanta lé mórán airgid ach doidhéanta gan airgead: is féidir tigh etc. is furaiste...ní féidir etc. Tigh déanta daingean a shásóchas na céadta bliadhain: curtha lé chéile go sármhaith 'n-a thógáil. An bheart déanta an bheart: an rud a bhíos tréis tárlachtaint sin é an rud a's ní hé an rud go mbítear ag brath air. Oireamhnuigheann na bróga so ar sheódh an domhain me, is dom atáid déanta: is liom ó thúis iad: cinneadh dom iad.

déantas: *f.1.* cómhacht déanta cruthnuighthe nó cúmtha: cur lé cheile i gcruth. Sé an saghas duine é ná fuil déantas maitheasa ná uilc ann: cumas, cómhacht, acfuinn. Biadh gan déantas fola ann seadh an t-arán tur san: de chómhacht nó de neart ann.

déantús: *f.1.* (*iol.* déantúisidhe) earra dhéanta, cúmadh, cruthnughadh, cur lé chéile. Fadó bhíodh daraithe de dhéantús an tighe ag na hiascairidhibh: déanamh: do cheapadh leis an láimh nó lé hineall. Brianach seadh é, d'aithneóchadh aonne an déantús: an clódh, an déanamh, an chuma a bhíos ar Mhuinntir Bhriain. Dhein an táilliúir déantús maith ar do chulaith, is fada is ball í: déanamh: cur lé chéile i gclódh. Is maith an déantús thu ní haon náire dhuit dul ar pháirc imeartha: is maith an bheart atá déanta agat. Dá mbeadh an déantús ceart ar an mbád ní iompóchadh sí: an chúmadh: an ceapadh: an clódh. Fairír, is beag déantúisidhe teinteáin in Éirinn anois: rudaidhe (earraidhe) dhá dhéanamh ag na daoinibh sa bhaile. "Caithfidh lucht déantús" arsa Aire an Tionnscail, "breis aire do thabhairt dhá ndéantúisidhibh más mian leo margadh do sholáthar dóibh".

deara: cúis, tuaith etc. (deár). Cad fé ndeár duit bheith ag tromaidheacht orm-sa?: cad é chúis agat leis?: cad bheir duit?: cén fáth go ndeárnais é nó gur chaithis é do dhéanamh? An t-ocras fé ndeár (ndeara) dho arán do ghoid: a chuir air goid: mara mbeadh an t-ocras ní dhéanfadh sé é. Cad é an steallfhéachaint atá agat orm-sa? cad thugair fé ndeara orm?: cad é do chídhir corr ag baint liom? Tabhair fé ndeara, a bhiorránaigh, nár bh'fhada an mhoill orm-sa béasa do mhúineadh dhuit, muna dtugair aire dhuit féin: beir leat: tuig uaim é: ná bí i bpoll an amhrais 'n-a thaobh. Tabhair fé ndeara gur breágh an lámh scríobhnóireachta atá aige: creid uaim-se é: bí deimhnightheach de. Mara dtéighir ann go toilteanach cuirfead-sa fé ndeara dhuit tú do chur ann det aindeóin: cuirfead d'iachall ort. Níl ach tuairm ag lucht eólais cad fé ndeár teacht agus imtheacht na taoide: an chúis: an chómhacht a ghnidheas iad. Tabhair fe ndeara go maith anois me: breithnigh ar an méid a déarfad leat.

dearbh: *a.* cinnte, deimhnightheach, fíor, dlistineach, áitighthe (ar). Peaca go dearbh d'fhág na mílte damanta: gan dearmhad. Cad fé ndeár dhuit bheith dearbh go dtiocfaidh sé?: deimhnightheach. Is é mo mhórthuairm go gcabharfadh Mearaice lé Sasana lé linn cogaidh, ach ní bheinn dearbh de: ní dhéanfainn talamh slán de: sásta im aigne go raibh san mar sin. Cara lé linn cruadhtain an cara dearbh: an cara fíor. I bpruachlais i raingléis na gcúlshráideann do bhídís ag déanamh airgid bhréagaigh a ritheadh mar airgead dearbh: airgead ceart, dlistineach mar deintí i gceárdchain an ríogh. Is dearbh liom-sa gur b'í an chroch do stáitse má leanair ded dhroichbheartaibh: táim lán-deimhnightheach de: taidhbhsigheann sé go láidir dom. "An raghair ann?" – "go dearbh": go lándeimhnightheach. Ar dtúis níor ghéilleas duit, ach anois táim dearbh de agat: creidim an t-áiteamh atá déanta agat orm chun m'aigne d'atharrughadh. Sid é an scéal dearbh mar báthadh iad: an scéal mar is féidir do dheimhniughadh do bheith fíor. An bhfuilir dearbh fós agam?: an bhfuilir sásta leis an ndeimhniughadh (argóint) an ceart do bheith agam? Budh dhearbha liom go mór thu tu do chur do chod airgid ar an gclár a's gan bheith ghá gheallamhaint: is fírinnighe thaidhbhseóchadh sé dhom ná etc.

dearbhach: *a.* cinnte, deimhnightheach, ionchruthuighthe. Táim chómh dearbhach de a's go n-éireóchaidh an ghrian ambáireach: creidim chómh diongmhálta etc. Ar an nglór innil

do chualaidh na daoine, ach ná feacadar faic ceapadh gur áthrach aoir do bhí ann, ach níor dhearbhach san, mar ná feacthas faic.

dearbhas: *f.1.* deimhnightheacht, dleaghthacht, dlisteanacht, fíordhírighe. Níl acht aon dearbhas amháin i dtaobh an bháis, go dtiocfaidh sé: aon rud amháin go bhfuiltear deimhnightheach de. Dearbhas na soiscéal: glaine, ceal truaillightheacht. Ó indiu go dtí ambáireach níl dearbhas ag aonne ar a shaoghal: deimhnightheacht: ceal amhrais: dearbhthacht.

dearbhbhráthair: (**dreatháir**) "Is mairg do bhíonn gan dearbhbhráthair" (seanfhocal): is mór an truagh an té a bhíos 'n-a aonar gan chabhair. "Is maol í guala gan dearbhbhráthair": an té ná bíonn aonne aige chun cabhartha leis bíonn thiar air: ní bhíonn sé rómhaoidhteach. "Dearbhbhráthair do Thadhg Dómhnall gránda": níl aon deifir in olcas (leisce, neamhchríochnamhlacht etc.) idir an mbeirt seo i gcomórtas: cómholc iad. "Dearbhbhráthair don mbás an codladh": is anchosamhail duine 'n-a shuan lé duine marbh.

dearbhtha: *a.r.* deimhnightheach, cinnte, cruthighthe, sármhaith, fírinneach, tugtha fé mhionn. Tá sé dearbhtha agat go rabhais láithreach nuair sáthadh an fear so: tá do mhéid tugtha agat fé bhrigh na mionn. Sara gcorruighir cos leat bí dearbhtha dhe go n-íocfar as do dhuadh thu: ná bíodh aon amhras 'n-a thaobh ort: bíodh do dhóthain de chruthughadh agat. Fíon go dearbhtha seadh é seo, a's ní moirt: fíorfhíon: fíon ceart: an chuid is fearr de. Mara mbeadh é do bheith dearbhtha ná raibh aonne ag faire air ní raghadh sé i dtreis an uaireadóra do shlad: cinnte 'n-a aigne: dar leis gur mar sin do bhí. Is fada dearbhtha go gcasann an domhan anoir siar: cruthuigthe: curtha ó amhras: deimhniughadh tugtha nách féidir do bhréagnughadh. Nár mhór a bhí sé tógtha go ndubhairt sé go raibh sé dearbhtha má labharfadh aonne focal feargach leis go mbeadh sé 'n-a cath: tiomnuighthe: a mhóid tugtha aige air. An iongadh dho bheith corónta láidir a's an mhairtfheóil dhearbhtha d'itheann sé?: sármhaith. Bíodh do mhuinghin as, is minic tástálta dearbhtha againn é: foillsighthe go bhfuil an mianach ceart ann: fírinneach soisheasaimh.

dearbhthacht: *b.3.* cruthughadh; fromhadh; teastas; fíre. Dearbhthacht a scéil gur aontuigh gach aonne leis a bhí láithreach a thárlachtainte: an nidh a fhoillsigh don inntin go raibh sé cinnte nó soiléir. Budh dheacair gan é do scaoileadh saor mar ná raibh dearbhthacht cheart air go raibh sé cionntach cé go raibh dearbhthacht air go raibh sé tímcheall an bhaill nuair deineadh an choir: cruthamhnas: fínéidheacht: fiadhnaise: cúis chreidheamhna. Lé dearbhthacht go rabhas ar an mbóthar ceart leanas de d'aindeóin fógartha na ndaoine go raibh eolas ceart aca: deimhnightheacht.

dearbhughadh: *f.* (*-ighthe*) leabharughadh; tiomnughadh; móidiughadh fé mhionn; deimhniughadh; cruthughadh. Tá an dearbhughadh air má cuirtear aon chruisteach eile air go bhfágfaidh sé an ceanntar: tá a mhóid tugtha aige: thiomnuigh sé é féin: mhionnuigh sé mar dhéanfadh sé fé bhrigh an leabhair. Bhíodh síbín ag seanCháit agus tháinig anchúinse éigin agus dein dearbhughadh uirthe leis na póilínidhibh: d'inns dóibh as ucht Dé gur bh'í an fhírinne í: thóg sé Dia mar fhíné go raibh an fhírinne ghlan aige. Dá mbeadh aon dearbhughadh agat gur leat an t-airgead do fuaireas ag dul amugha: aon

chómhartha a dheimhneóchadh gur b'é do chuid é. Aimsir mhaith seadh í, tá a rian air, tá na barraidhe ag dearbhughadh go maith: ag dul chun cinn. Dhearbhuigh sé an dubh 'n-a gheal agus an geal 'n-a dhubh ach chuaidh an dearbhughadh 'n-a choinnibh: theip ar an móidiughadh a dhein sé.

dearbhuighim: *b.a.* móidighim, deimhnighim, leabharuighim, mionnuighim, tagraim, fíoruighim. "Dearbhuigh, a Thaidhg" – "dearbhóchad cheana": ní theipfead ort, bréag nó fíor. Dhearbhuigh sé go láidir im choinnibh: a's Dia mar fhíné aige níor choigil sé cainnt orm. Dhearbhóchainn duit nár chuir sé isteach ná amach ort: thabharfainn an leabhar ann: creid uaim é. Gaibh trís na cunntaisidhibh sin agus dearbhuigh iad má táid ceart: dein deimhin díobh. Ní mór ná go ndearbhóchainn gurb é do chonnac uaim ar an sráid: táim beagnách lándeimhnightheach.

dearc: *b.3.* súil, silleadh súl. Mo dhearca do leathadh ag faire a's ag feitheamh léd theacht: ag teannadh mo radhairc. Tabhair dearc orm léd thoil: féach im threó. Is iomdha san máthair bhocht a shil a dearca dá clainn tar lear: a ghoil go fuidheach 'n-a ndiaidh. An dá lá dhéag agus bheidh deóir im dhearc ní mhaithfead duit: faid bheidh braon im shúil: faid is mhairfead. Cuma shláinteamhail is air ná fuil, féach ar a dhearc: ar fhéachaint a shúl. Congaibh do dhearc air: ná leig as do radharc é.

dearcadh: *f.* (*-ctha*) féachaint, d'fhéachaint, sileadh súl; do cur fé léith na súl; machtnamh, cuimhneamh. Dá fhaid ag dearcadh ar an gceist seo me ní fhéadfainn léigheamh uirthe: ag machtnamh le haghaidh a réidhteach. Caitheann sé furmhór a aimsire ag dearcadh ar an saoghal agus ar a ghnóthaidhibh: ghá chur trí n-a aigne. Ag dearcadh ar an dtaobh eile den scéal: ag cur suime ann lé n-a áireamh. Ag dearcadh na farraige siar: ag féachaint uirthe agus ag machtnamh a diamhaireachta.

dearcaim: *b.a.* $_7$ *n-a.* féachaim (ar); machtnuighim (ar). Seadh do dhearcas spéirbhean: do chonnac bean bhreágh. Dearcaim ar an méid airgid a caithtear ar thobac: machtnuigh air. Dearcann an mháthair go ceannamhail ar a leanbh n-a h-ucht: bíonn sí ag féachaint air go smaointeach. Ná dearc orm!: ná bíodh aon bhaint agat liom.

déarchaoineadh: *f.* (*-inte*) ag éadóchas; caoi fhuidheach; brónghol. Budh thruagh leat na díleachtaidhthe bochta ag déarchaoineadh a máthar: ag cao a's ag ologón ar a bás. Déanfair déarchaoineadh id chorthaibh fós: beir go brónach agus go hochlánach 'n-a dtaobh. Bhailigh mná na miantóiridhe ag béal na cluinne ag déarchaoineadh na bhfear a gabhadh i dteannta thíos ann: ag gol go truaighmhéileach, bristechroidheach.

déarchaointeach: *a.* fíorbhrónach; dubhach, duairc, ochlánach, éadóchasach. An mhaidean do crochadh é do scar a bhean go déarchaointeach leis, idir éigean b'fhéidir leis na seighléiridhibh í do bhailiughadh leó: go brónach gruadhfhliuch. Beir-se déarchaointeach fós, agus creid uaim-se é, as a bhfuil d'airgead caithte go haindeis, aimideach agat: aithreachasach, duairc.

dearg: *a.* ceann des na príomhdhathaibh; dath na fola mar bhíonn i mórfhéith; talamh branair, fuilteach; an-the mar iarann tréis mórchoda teasa, géar; ar lasadh mar píp, teine

(budh chóra a rádh an teas do bheith glactha ag etc.). Níl do phíp dearg fós, cuir spréidh nó lasán uirthe: níl an teine gabhtha aice. Táir dearg go bun na gcluas; cad chuige an náire?: tá luisne ionat. Ní hamadán in ao'chor an té a chaitheas a chuid ar ólachán ach amadán dearg!: ceann críochnuighthe. Talamh dearg go gcuirfear coirce ann: talamh atá treabhtha – gan rud ag fás air. Ghaibh an eadáil tríd an gcoirce, dheineadar cosair easair de gur thugadar barra dearg air: níor fágadh ruibe d'aon rud ag fás ann – faic ann ach an chré. Bhuail gasra fhiadhain mhac léighin (dámhthach) isteach 'on tigh tábhairne; chromadar ar ghleódh a's ar achrann gur thugadar barra dearg ar an áit: shuathadar a's chuireadar trí chéile idir áit a's dhuine. Beidh súile dearga agat-sa mara stadair: beir ag gol de dheascaibh do bheart. Tá an oiread san san éileamh ar mo thuarasdal gur b'é an donas dearg maireachtaint eatartha: mío-ádh uathbhásach. Ná tairng chugham gaoth, a dhuine, bhí sé n-a ghála dhearg: gála trom, fiadhain. Beir dearg im dhiaidh!: cuirfead fuil ort. Tá an talamh dearg gen stanga triomaigh seo: dath ruadh tagtha ar an bhféar.

dearg-: *i gcómhfhoclaibh mar mhír aidhbhlighthe* Dearg-náire chughat!: náire thar an uile náire go raibh i ndán duit. Chuireamair dearg-ruathar ar na saighdiúiridhibh treasna na ngort agus inn ghá leanamhaint go cíocrach: teicheadh agus scaipeadh trom. A dhuine mhanaoisigh, cad fáth do dhoras d'fhágaint ar deargleathadh, ná féadfadh aonne gur mhaith leis é gabháil isteach nó amach: ar leathanoscailt. Ná staon agus ná sos, coimeád an ionga dhearg air: lean dá bhuaidhreamh nó det iarracht go dtí go sroichir do thriall nó go mbeidh an rud atá uait agat. Theich sé as an dtigh lé scannradh na teine agus é dearg-nochtaighthe, mar tháinig sé ar an saoghal: gan luid éadaigh air. Dearg-loscadh ort ná fanann siar ón dteine: go ndóightear go maith thu. "Níor dhearbhuighis os mo chómhair ó tháinighis ar chlár na mionn" ars an giúistís leis an gcosnach "an dearg-éitheach!": bréaga ar fad, ar fad. Tá sé ar an ndearg-bhleaigeárd is mó annso: an ceann is coitchinne agus is measa. Nuair tháinig an saoiste ar na fearaibh a's iad díomhaoin glan tháinig dearg-bhuile air, gur bhris sé an uile dhuine aca: buile uathbhásach: báinighe. Briseadh as mo chuid oibre me a's ní bhfaghaim faic lé déanamh, táim ag caitheamh mo thóna go dearg-dhíomhaoin: díomhaoin glan, gan aon tsaghas oibre ná gnótha. Ní fhéadfadh gan iomard éigin do bheith air agus an dearg-shúilighe a bhí air: clódh dearg ar na súilibh aige.

dearga-bhear: *f.1.* éiscín airceach, clipeach a lonnuigheas ameasc log ar an dtráigh (*cottas bubalis*). Ó n-a dhath a's a chlipdhe an ainm.

deargach: *a.* clipighthe. Is dubhach deargach dom gan neach dem mhuinntir do bheith beó rómham tréis mo thuruis fada: cráidhte, ciaptha.

deargadh: *f.* (*-gtha*) do dhéanamh dearg, do lasadh nó d'adhnadh, do teasughadh, do ghonadh; taobh na cré den dtalamh d'iompódh, treabhadh, rómhar nó tóch; cóiriughadh. Séid fén dteine ní fada ó dheargadh anois í: ó adhnadh. Aithnighim ar an ndeargadh atá agat ghá dhéanamh go bhfuilir cionntach: an luisne atá ag érighe ionat. Laoch dob eadh é go raibh draoidheacht aige a's nár bh'fhéidir le harm teine deargadh air: é do ghonadh nó do chréachtadh. Is diail an deargadh é sin déanta 'ge dhá chapall in aon ló – an leirg mhór thalmhan san: an treabhadh: an taobh bán síos suas de. Aon gharrdha go dtugann cearca a n-aghaidh air tugaid deargadh air: tóchaid a's scríobaid na síolta a's na fáis ar lorg gráinne. Bean ag deargadh an bháin ambáireach: ag treabhadh. Moch-óirighe ceart é sin,

bíonn ’n-a shuidhe lé deargadh na néal gach maidean: leis an mbreacarnaigh: leis an amhascarnaigh: fáinne an lae. Bíodh ciall agaibh, is mithid díbh stad de bheith ag deargadh bear ar a chéile: “ag gabháil dá chéile”: ag imdheargadh: bheith ar gach re seadh lé chéile: bheith ag giobadh ’sag péacadh. Bí ag deargadh do phípe: ag cur teine sa tobac (gan lasair). Níl aonne agam ach me féin chun mo leapan do dheargadh: do chóiriughadh i gcóir codlata.

deargaim: *b.a. 7 n-a.* iompuighim ar an ndath san (na fola); ghním an dath san do theacht ar etc.; adhnaim, lasaim; cuirim teas i, cuirim fuil ar; fuilighim; gonaim, créachtaim; cóirighim; rómharaim, treabhaim. Dearg uaigh dom ar dheis na gréine: déin: rómhar: cóirigh. Dearg an gort so chun coirce: treaibh (treabhaidh) é: tabhair taobh na cré anáirde den dtalamh. “Níor dhearg (dearguigh) aon rud riamh i mbarr na teine” (rádh). Ná bí chómh támáilte a’s go ndeargófá: go luisneófá. Bhí sé de bhuaidh aige nár dhearg arm riamh air: nár ghoin é. Muna bpósair mar sin dearg féin do leabaidh féin: cóirigh í. Cé dhearg an teine seo? is ait an t-adughadh thug sé uirthe: cé chuir í ins an tslighe a’s gur adhain sí? An diabhal féin ní dheargóchadh an phíp seo, mar ná fuil sí réidhtighthe: ní chuirfeadh aon rud teine innte. Dheargóchadh sé chughat ar a luighead cúise, droichmhianach ceart seadh é: thiocfadh fearg air chughat.

deargaindeóin: *b.3.* ceal a luighead tola. Dein dheargaindeóin agus me ar mo chroidhe díchill d’iarraidh é do chongbháil socair sháruigh sé orm: dem aindeóin ghlan: d’aindeóin m’fhiacal.

deargbhaois: *b.2.* amadántaidheacht amach ’samach. Dá olcas í baois na hóige is measa ’ná san deargbhaois na haoise: baois mhór nár cheart do bheith ann ó thaithighe an tsaoghail.

deargchaor: (**deargchaoir**) *b.5.* bruth leactha, loscach; meisce throm. Chuaidh sé ar a dheargchaoir ar feadh mí gan aithne a bheart aige: meisce throm, dhásach. Nuair bhíonn cruaidh dhá dhéanamh den iarann bíonn sé n-a dheargchaor ar deargfhliuchaidh sa tsoirn: ’n-a bhruth chómh dearg, te agus is féidir do bheith.

deargdhúil: *b.5.* dúil ghuilmeach. Ar ór na cruinne ní fhéadfadh sé an t-ólachán do sheachaint, tá an deargdhúil aige ann: dúil mhairbh: fonn dochuimse nách féidir do mhúchadh. “Go marbhuighidh an deargdhúil thu”: deirtear lé duine a thugas drochsháthadh míbhéasamhail ag bórd tímcheall bídh do féin. Tá an deargdhúil ag Hitlear san Úcráin: fonn thar na beartaibh í do bheith aige dá chuid féin.

deargfhonn: *f. n-dh.* dúil mhór; mian doshásta; mórdhúthracht; scleondar croidhe. Ní fonn troda a bhí air ach deargfhonn: mian budh dheacair do smachtughadh. Is beag duine a bhuail liom go raibh oiread deargfhonn Gaedhealainge air, i dtráth agus in antráth bhíodh sé sáidhte innte: teasaidheacht nó díoghrais inntine: árdughadh aigne: seóltacht croidhe lé dúthracht chun ruda. Níl aon deargfhonn orm chuige: is cuma liom faic mar gheall air: is me atá neamhchásmhar ’n-a thaobh: mar seo ná mar siúd ní chuireann mairg orm.

deargfhiuchadh: (**deargfhliuchadh**) suaidhte ge teas mar bhíonn uisce nuair bheirbhiughadh. Dein an té, tá an t-uisce seo ag deargfhiuchadh: ag beirbhiughadh go fiadhain: ag géire (géir)-fhliuchaidh.

deargnamha: (**deargnamhaid**) *b.5.* namha(id) marbhthach. Táimíd 'n-ár ndeargnamhadaibh ge chéile agus choidhche ní chuibhreófar síth eadrainn: namhada gan trócaire, gan taise.

dearmhad: *f.1.* neamhchuimhneamh, mearbhall nó dalladh aigne, seachmall cuimhnimh, ceal cuimhnimh; éislis; amhras, neamhchinnteacht; mainneachtnain, faillighe; máchail; easbhaidh; éaghmais; lóipín, éislinn [uaireannta ní bhíonn "m" séimhighthe agus deirtear 'gan dearmhad gan dearmad' (gan aon amhras ar bith) ar an gcuma go n-abraimíd go deimhin (gan fuaim ag mh) agus go deimhin (fuaim "bh" is "mh") ag treisiughadh na cainnte]. "Cár cheannuighis an t-arán so?" – "i dtigh an dearmhaid": tigh (siopa) ar imeall an bhaile mhóir (tá a lithéid in aice an Daingin). "Mo dhearmhad a's mo chuimhneamh", deirtear so nuair bhíonn rud imthighthe as chuimhne dhuine agus go dtugann chun a chuimhnte é in am thráth: mo ghrádh mo chuimhneamh. Más dóigh leat gur me an té is dóigh leat tá dearmhad ort: tá breitheamhantas mícheart tugtha agat. Bheadh dearmhad ort dul chun iomarbháidhe leis an ndream san: gheóbhfá amach go mbeidís rómhaith dhuit, rud ná saoiltear duit fé láthair. Dearmhad mór do dhuine gan rud do chur tharais i gcóir an lae chruaidh nuair bhíonn cao aige air: faillighe dualgais nó baile. Lé dearmhad agus ní lém thoil gur ghabhas tharais gan beannughadh dho: neamhaire: botún: tuaiplis. An earra ná raibh ach ceannuighthe agam díreach d'fhágas ar an gconntabhairt í, tá an dearmhad im dhiaidh riamh: ceal cuimhne choidhche ghom leanamhaint. Duine leanamhnach, cáirdeamhail, níor bh'é a dhearmhad gan teacht ar ár dtuairisc: dhein sé deimhin de go dtiocfadh sé. Na sean-nósa a bhíodh ag na daoinibh nuair bhíos-sa óg táid imthighthe ar dearmhad, ní chleachtann aonnidh anois iad: imthighthe as chuimhne na ndaoine: dulta chun báis cheal taithighe. Ná leig ar dualgas do phaidreacha do rádh maidean a's tráthnóna: ná leig i léig: as do chuimhne a's cleachtadh. Nuair bhead i dTír an Dearmaid is beag trácht do bheidh orm: ar an mbreis: ar shluagh na marbh. "B'fhearr do ná tiocfadh sé riamh san áit, ní raibh lá den righe ná den rath air ó shoin" – "tá san de dhearmhad aige air féin": tá san de mhilleán aige air féin go ndearna sé a bhotún. Cunntas cruinn seadh é sin gan dearmhad ar an méid do thógais sa tsiopa so: locht: botún. Fógradh do go mion minic air ná raibh cosca an ghuaisteáin sin iontaobha, tá a ndeascaibh anois aige – cos bhriste, ach bíodh cion a dhearmaid aige: an rud atá tuillte aige 'e cheal aire chóir do thabhairt do féin. Lé duine gur béas aige gan cuimhneamh ar rudaidhibh, "ní dul ó dhearmhad duit é" agus lé duine chun a chur in iúil do go soiléir go gcuimhneófar do ar rud éigin: "ní dul ó dhearmhad agat é": ná luigh ar an gcluais go n-imtheóchair as cuimhne mar gheall ar rud éigin. Tá pingin dearmhaid ort: pingin siar, gearra. Cléireach maith ná raibh oiread a's leathphingne dearmhaid riamh air: leathphingne amugha. Nuair dhéineann duine dearmhad ar rud anshoiléir, deirtear, "dearmhad an chléirigh ar an gclog": is soiléir sin go dteastuigheann an clog chun an Aifrinn d'fhreagairt go gcuireann sé iongtas go ndearmhadfí é.

dearmhadach: *a.* faillightheach, solochtach, dobhotúnach, lochtach, easbhaidheach, díthchuimhnteach, seachmallach. D'inneósfadh a ghnóth dearmhadach duit cad é an

saghas fuairthéidh duine é: gnóth go mbíonn cuid de déanta a's cuid de gan déanamh. Ná hiarr n-a dhiaidh é - maidir lé faillighe shiubhalófá Cúige Mumhan sara gcastí fear níos dearmhadaighe ort: fear is mó ceal cuimhne nó machtnaimh ar an rud budh cheart a bheadh ag cur mairge éigin air. "Nách fada do leigeann Dia lé lucht meilte na mbocht" – "tá sé foidhneach, ach níl sé dearmhadach": cuimhnigheann sé ar an mícheart. Mara chéile dhuit bheith ag brath air sin chun teachtaireachta nó gan é do bhac, tá sé chómh dearmhadach san: chómh neamhchuimhnteach ar an nídh a bhíos lé déanamh aige. Cóip an dhearmhadach den scéal seadh í seo, tá línte in easnamh uirthe agus focail malartuighthe go flúirseach: lochtach: botúnach: máchaileach: éislingeach: béimeanna do bheith air. "Tháinig an dearmhadach ar an saoghal leis", deirtear lé duine ná cuimhnigheann ar nidh an-thábhachtach nó gur béas aige bheith ag fágaint rudaidhe 'n-a dhiaidh gan déanamh. "Aithris an cheathramha úd" – "fan go gcuimhneóchadh. Ní fhéadfainn é, nách dearóil dearmhadach an duine me": mall, leasc chun ruda do thabhairt chun mo chuimhnte. Créatúir dearmhadach seadh an duine: lochtach: peacamhail: botúnach. Nách dearmhadach d'éirigh sé dhuit, agus taithighe mhaith agat ar olcas na habhann, siubhal isteach 'n-a cuilithe: ceal cuimhnimh ar chonntabhairt.

dearmhadaim: *b.a.* scaoilim as cuimhne; ní chuimhnighim (ar), caillim. Ná dearmhaid me ar do chluais!: ná bíodh sé den mío-ádh ort gan cuimhneamh orm. Ní dearmhad go dtí é, dearmhadann san cé hé féin: imthigheann gach aon rud glan as a cheann. Cá bhfuil do neart? ná dearmhaid é: ná leig as t'aigne ná go bhfuil sé ionat agus cuid mhaith dhe leis. Ní dhearmhadfainn féin mo leanbh: bheinn ag cuimhneamh ar mo leanbh chun rud éigin (maith) do thabhairt do. Mo mhairg agus is minic do dhearmhadaim Dia: ná déinim mo dhualgas do nó go gcuimhnighim a's go ndéinim faillighe. Is fadó riamh do dhearmhadas mo neart, ó fuair an t-aos an lá orm: do chailleas: d'imthigh as mo chuimhne a bheith agam.

dearmhadamhail: *a.* díthchuimhnteach, lochtach, solochtach, éislingeach i gcuimhne. Budh dhearmhadamhail an fear é go mbíodh sé ag lorg a phípe a's í n-a bhéal aige! Briseadh é as bheith ag déanamh oibre a bhíodh dearmhadamhail: lochtach: go mbíodh sé ag dul amugha uirthe. Ní bheinn ródheimhnightheach den mbliadhain, tá a fhaid sin ann agus táim dearmhadamhail ag an aois: tagann amacha orm agus imthigheann cuimhne rudaidhe glan uaim.

dearmhóire: *4.* méid, uaillmhéid, aidhbhse; áidhbhéil. Chuirfeadh dearmhóire na mara go mórmhór ist oidhche diamhair ort: méid, fairsinge agus coimhtheacht. Ní raibh aon taithighe riamh aige ach ar an dtalamh mín, réidh agus ar bhfeicsint na sléibhte a's na gcnoc do do chuir a ndearmhóire iongtas ar a chroidhe: an toirt, an aoirde agus an ghairbheacht.

deárna: *f.5.* bas na láimhe; croidhe na baise; lán glaice; buille. Thug sí deárna i bpoll na cluaise dho a chuir freangaidhe air: buille 'e dhorn. Is maith do theastóchadh deárna ón bpastaire maran aige atá an deiliús: smíste: buille a chuirfeadh smacht air. Buachaill chómh sprionnlaithe a's ná feicfeadh sé a chroidhe dá mbeadh sé ar a dheárnain aige: ar lár a bhaise oscailte. Dá mbeadh sé ar chroidhe do dheárnan agat níor mhór an toirt é: i lántsolas. Deárna leat! is taithneamhach an obair atá déanta agat: mo chuisle thu: abú!

maith an fear: Dia thiar leat: choidhche! Sin é an droichmhianach nár bh'fhada an mhoill air an deárna do thabhairt duit: buille (fill). "An bhfuil cuid mhór airgid aige?" – "tá, tá deárna aige dhe, is dócha": lán glaice.

dearóil: *a.* suarach, truaillighthe, bocht, sprionnlaithe, lom, éiglidhe, truaighmhéileach; aimideach. Cailín dearóil gan puinn stuidéir gur mhór an deargnáire dho aonne bheadh ag magadh fúithe: cailín saonta: laginntineach. Nách dearóil an chruit atá ag an ndreoilín seachas an fiolar: beag, suarach, truaillighthe. A dhéine sin atá an galar agus a fhairsinge ameasc na ndaoine go bhfuil cuma dhearóil – caithte, lom, míoshláinteamhail ortha: cuma aindeis. Is fada ag tuar an bháis, rud beag dearóil dob eadh gach aon lá riamh é: suarach, sprionnlaithe lé hamharc air. Mara mbeadh gur dhearóil liom é do dhéarfainn rud éigin a ghoinfeadh thu: gur lag, suarach, neamhfhearamhail liom é. Radharc dearóil seadh iad gach aonne ag teicheadh uatha ar eagla na breóidhtighe do thógaint uatha: brónach, radharc a chuirfeadh maoithneachas ort. Dearóil go maith do chaith sé an oidhche airéir, ní raibh aon tsúil go dtéarnóchadh sé í: lag, éiglidhe. Dar leis an bhfiadh a chonnaic a scáth sa lochán gur dhearóil iad a chosa caola i gcómhnaird a bheann maordha: suarach, sprionnlaithe: beag lé rádh. Táim an-dhearóil ar mo bhonnaibh fós tréis an bhabhta thruim bhreóidhtighe do fuaireas: lag: gan bhrigh.

dearóile: *b.4.* gannchar, gannchúis, gádhtar, easbhaidh, aindeise, amhgar, truaghántacht. Budh lag leis an bhfear láidir barra a mhéire do bhualadh ar thruaghán mar é lé n-a dhearóile, ar eagla a bhasctha: mar gheall ar a luighead, luighead a nirt, a aindeise etc. Bhaineadh dearóile na ndaoine deóir ód shúil nuair ná feicfeá aca lé n-itheadh ach prátaidhe a's salann: bochtanacht: lom amhgair. Ghái an fiolar fén ndreoilín lé n-a dhearóile seachas a mhéid féin: a luighead shuarach. B'éigean dom bheith an-aicillidhe d'iarraidh an ghlais bhaint anuas le dearóile na heochrach a bhí i reachtaibh briseadh an uile fhios gach uair: laige: leiceacht: fainne.

deárscna: *a. n-dh.* sármhaith, líomhtha, béascnach,. Filidheacht dheárscna í seo, go bhfuil ceól a's binneas innte: líomhtha, aoibhinn, blasta, binn leis an gcluais a's leis an inntin. B'é an cainnteóir budh dheárscna(ighe) dá gcuala riamh é thabharfá do lá a's do shaoghal ag éisteacht leis gan bheith cortha de: líomhtha, léigheanta, sásamhach. Obair dheárscna don Athair Ó Duinnín dob eadh an foclóir do chur as tóin a chéile: obair iongtach: obair oscardha.

deárscnuighim: *b.a.* $_7$ *n-a.* sáruighim (ar); cómharthuighim thar a chéile. Deárscnuigheann Piaras, dar linne, ar na filidhibh go léir lé binneas agus ceól: buadhann ortha. Sid é an fear eadrainne a dheárscnuigheas (dheárscnas) i nGaedhealaing, dar linn ná fuil a lithéid eile ann: a éirigheas go hárd: a sháruigheas ar gach aonne lé n-a chuid eólais. Dheárscnuigheas do an deifridheacht a bhí idir "intinn" agus "aigne": mhínigheas do. "Cé dheárscnas i ndán id dheóidh-se?": cé hé an file a thiocfas id dhiaidh a haithneófar lé n-a fheabhas thar na filidhe eile go léir? Níor dheárscnuigh sé an obair in ao'chor an t-atharrughadh do dheinis uirthe, is móide gur b'é a gráiniughadh do dheinis: níor mhaisighis: níor sciamhuighis.

deárscnuighthe: (**deárscnach**) *a.r.* sciamhuighthe, (sciamhach), breághtuighthe; oirdhearc; áitrighthe. Inealltóir deárscnuighthe dob eadh Seán Ó Gríobhtha, go raibh a cháil 'sa chlú ar fuaid an domhain lé feabhas a's méid a chuid eólais: áitrighthe: oirdhearc: clúidhteach: a ainm anáirde lé n-a chuid ealadhan. Dán deárscnuighthe seadh Cúirt an Mheádhon Oidhche: filidheacht atá lán de sciamhacht, d'áilne, de niamhaireacht agus de líomhthacht.

deas: *a.* gleóidhte; réidh, ullamh, cliste; ceart, béasach; ag baint leis an dtaobh san atá os choinne an taoibh chlé; mar déarfadh duine "an tsúil dheas". An lámh dheas is í an lámh dréir gnáis agus na ndaoine a thóg sinn go dtugtar fé ndeara orainn tosach áise do thabhairt di roim an lámh eile nuair ná bíonn áis lé baint ach as ceann aca. Bhuail liom fear chómh deas agus thárla riamh orm, thug sé eólas ar gach sráid dom a theastuigh uaim: lághach, síthbhialta, cneasta, comaoineach. Ní maith bheith ag cainnt, fuair an bile (gaiscidheach) clé agus deas ó n-a chómhsparnaidhe é: ar an dá thaobh: go tiugh agus go te: go dian, cliste. Oibridhe maith seadh é, mar tá sé deas agus clé: cómhfhuraiste aige áis do bhaint as an dá láimh. Iontuigh an taobh deas ded chasóig amach as ná bíodh daoine ag cleithmhagadh fút: an taobh ceart a deineadh lé beith amach. "An bhféadfá cártaidhe d'imirt?" – "cártaidhe d'imirt! mise atá deas air" (maoidheamh): mise sás a n-imeartha: mise an buachaill chúcha. "Deir sé nách aon nath (eadh) aige dathad míle do shiubhal in aon ló" – "is é atá deas air i dteannta an eólais" (searbhas): fág fé é: cé dhéanfadh é mar ndéanfadh duine iongtach mar é sin é. Is mise atá deas ar an áit do theasbáint duit, mar tá eólas cruinn agam ar an mball: is mise go bhfuil ar a chumas etc. "Leagfadh Seán Tomás" – "an lá is fearr do bhí sé ní raibh sé deas air": ábalta air. Poll san uile phóca liom nách deas an scéal agam é chun mo chod airgid do chongbháil: nách mé atá i gcantaibh: i ndraip. An-dheas an cainnteóir: is maith, fuaimeantamhail anchainnt atá tagtha uait. "Cad n-a thaobh?" – "mar tá dhá thaobh ar an rígh – taobh deas agus taobh buidhe": taobh taithneamhach etc. Níl aon rud budh dheise liom 'ná thú d'fhanacht ón ólachán: budh thaithneamhaighe liom. Ní breágh ná ní deas liom cathracha móra: níl aon rud ag baint leó go gcuirfinn tuaith ionta mar gheall air.

deas: *b.2.* an lámh dheas, an taobh deas; comhthrom; áit chomhthromamhail; gar, áis. Suidh ar mo dheis annso: im aice ar an láimh dheis. Beidh Corcaigh ar do dheis ag dul ó Thráighlí go Port Láirge: ar an dtaobh deas. Ar dheis (láimh) Dé go raibh t'anam: go hárd ins na flaitheasaibh go rabhair. D'éirigh buile agus báinighe air go raibh sé ghá dtreascairt de dheis a's de chlé: ar gach taobh: fé agus tharais. Tair ar do dheis chuige nó ní fhéadfair é do dhéanamh: ar shlighe chomhthromamhail: ar shlighe go mbeidh cao cheart oibre agat. Suidhte annso cois teine subháilcighe mo chuid caithte agam a's mo ghal tobac agam, táim ar dheis an domhain chun scéil d'eachtraighe. Baile seadh é a thaithnigheann liom, mar tá sé ar dheis na gréine: ar aghaidh na gréine: a aghaidh ó dheas. Uisce reatha te agus fuar a's gach aon áis eile ar a dheas aige sa tigh nuadh: fé n-a láimh: buailte leis: lé fagháil gan duadh. Ní raibh an pheil in ao'chor ar mo dheas chun a buailte: bhí sí fiarsceó ón mbáide: in ionad comhthromamhail: caothamhail.

deas: (treó) "An ghaoth andeas bíonn sí tais": ón dtreó san. "Theas a's thuaidh", ar seisean. Seo canamhain a deirtear lé héadóchas nuair deintear tagairt d'áird díobh go neamhmhuinghineach.

deasaidhe: *f.4.* áilneán, bréagán. Ó, ar thug mo mham de dheasaidhthibh ón nDaingean – fear ar ghluaisrothar, scréacóg, éan a léimfeadh agus lán mála de rudaidhibh eile: bréagáin: rudaidhe chun súgraidh do dhéanamh leó gan puinn luach ionta. Deir mórán gur cailín breágh í, déarfainn-se ná fuil innte ach deasaidhe: cailín go mbeadh deiseacht áirighthe ag baint léi ach bheadh gan aon stuaim nó a thaidhbhseóchadh go deas ar an gcéad amharc a's ná beadh puinn maitheas eile innte.

déasach: (**deusach**) *a.* craobhach (arbhar). Sin coirce déasach go mbeidh toradh maith as: coirce go bhfuil ceann nó craobh iomadamhail air.

deascadh: *f.1.* goilleamhaint, déanmhas, drochthoradh; moirt; fuighleach, dríodar; díoghlaim; ag cur in ionad cheart ar leithrigh. Faid a mhair sé bhí deascadh na troda a bhí aige lé Ó Díomsaigh (nuair briseadh a easnaidheacha) ag teacht leis: drochthoradh: iarsma. Níor scar deascadh na droichbhreóidhteachta fós leis, tá sé leice báidhte: an iarsma lean í. Brón ar bith níl om de dheascaibh ar chaitheas riamh, a's níor bheag é: an aiste atá orm de thoradh an méid do chaitheas. Is dearóil aindeis an saoghal atá aice de dheascaibh meisceóra do phósadh: mar gheall air gur phós sí é. Det dheascaibh-se do briseadh a chos nuair bhí sé d'iarraidh thú d'fhuascailt. Beidh deascadh an chogaidh mhóir ag teacht leis an saoghal ar feadh na gcianta, nidhthe níos daoire, cáin níos aoirde, obair níos gainne: droichiarsma: toradh dona. Ní ghá chasadh leó é, na daoine dearóile ní raibh faic aca lé n-a gcongbháil beó ach bheith ag deascadh an ghráinne a fhanfadh ar an ngort tréis bhailighthe an bharra: ag cnuasach go cúramach, aireach. Deascadh an droichbhídh. Deascadh an triomuigh gan fás bheith fé aonnidh: an triomach is cúis (olc) leis. Bhuail sé fé dhéin na conntabharthach go péacach, blomasach, agus d'fhógair ná hólfadh féin deascadh aon dighe ná soithigh ach an chuid dob fhearr de: dríodar: an fuighleach olc. Sin é an seómra go mbíonn na cléirigh ag deascadh na leitreach agus ghá seóladh ar a dtriall: ag deighilt nó ag roinnt 'n-a n-ionadaibh fé leith dréir na n-áiteann go mbeadh a dtriall.

deascaim: *b.a.* díoghlaim; cnuasuighim; toghaim a's roinnim, deighilim. Cois teine ist oidhche tréis oibre cruaidhe an lae dheascadh sí an olann leis an gcoinnil áirneáin: bhaineadh sí as a chéile í agus phriocadh an méid den salachar d'fhéadadh sí: réidhtigheadh sí. Dá ndeasctí na leitreacha mar budh cheart ní raghaidís amugha: dá gcuirtí ó chéile iad chun a seólta ar an mbealach ceart. D'iarraidh an chuirp 'san anama do choimeád i bhfochair a chéile deireadh mo sheanathair go ndeascadh na boicht ó ghort go gort mar a mbíodh aon ghráinne bainte: go mbailighidís go mion a's go cúramach.

deascainn: *b.2.* dríodar, moirt, fuighleach. Isteach 'on bhaile sin atá deascainn na cinidh daonna bailighthe, níor shábhálta dhuit an tsráid do shiubhal i gcorp an lae: an chuid is measa: an dríodar. Caith uait é sin mar thé, níl ann ach deascainn an phota: an méid a fhan thíos ar a thóin. Ní bhfaghann sé ach deascainn an bhídh a's a rian air is é atá go lom, bocht: an chuid ná hithtear lé n-a olcas.

deascainneach: *a.* lán de dhríodar, de chan, de mhoirt. Té deascainneach a chuirfeadh aicíd in aonne a bhlaisfeadh é: salach ar thóin an áruis. Buidéal beórach deascainneach é

sin, atharruigh é, ná tabhair d'aonne a lithéid lé n-ól: an salachar a luigheas ar thóin áruis na dighe.

deaschainnteach: *a.* fáidheamhail, deisbhéalach, deaghlabhartha, bheith i ndán rudaidhe do rádh go cliste, taithneamhach. Dar leó go raibh an ceann dob fhearr den scéal aca ar an iasachtaidhe, agus chromadar ar fhonmhód fé go ndubhairt go deaschainnteach "is dána é gach madra i mbéal a dhorais féin": go gonta, go hoireamhnach. Budh shubháilceach leat bheith ag éisteacht leis ag trácht ar thíorthaibh thar lear, chómh deaschainnteach san a's labharadh sé: gleóidhte, binn. Labhair sé go deaschainnteach liom ghá chur in iúil dom gur bh'oth leis gur dhein sé mo dhíobháil go neamhthuiseach: milisbhriathrach. "Budh dheacair easaontas do dhéanamh idir an Fhrainnc agus Sasana, táid chómh dlúthmhuinnteardha san" – "ní raibh mór riamh ná beadh beag", nár dheaschainnteach an freagra san: céadfadh thapaidh, lántsoilleach. Budh dheacair siopadóir is deaschainntighe 'ná é lé n-a rochtairidhibh d'fhaghál: is mílse: is lághaiche. Meón anbhorb aige riamh, ar a bhás ní fhéadfadh sé bheith deaschainnteach lé haonne: béasamhail: deaghlabhartha: deaghthagartha.

deaschainnt: *b.2.* plámás, lághaicheacht. Deaschainnt is fearr do gheóbhfá uaidh a's ní cabhair ná cóngamh: cainnt a thagas bog air, gan aon rud caillte aige léi. "Is breágh an fear thu, bail ó Dhia ort, agus is mór é meas na ndaoine ort". Sin deaschainnt agat: plámás: bladaireacht. "Mo thuairm gur thu an Gaedhilgeóir is fearr in Éirinn" – "cuir uait an deaschainnt anois, mar nách fíor é": an bladar mín, sleamhain. Tabhair deaschainnt do: labhair go caoin, sobhriathrach leis lé hinntin rud bheith dá bharr.

deascán: *f.1.* cnuasach (gráinne); an méid a bhíos bailighthe nó cnuasuighthe; glaclach, beartán; osclán, búrla; bun (airgid); múirle. Bailigheadh cuid mhaith airgid dos na díleachtaidhthibh agus cuireadh 'n-a dheascán sa bhannc dóibh é: mar bhun 'n-a gcóir: n-a intleamh. Ní hé an taos atá leis an oighean aige, tá deascán aige: bailiughadh airgid. Ar an ndeascán a chnuasuighidís ameasc an choinnligh do mhairidís: an chruinneáilt i dteannta a chéile, beag nó mór. Cuir na leabhartha san i bhfochair a chéile, cas páipéar ortha, ceangail iad agus déin deascán díobh lé cur 'on phost: beartán: áirighthe rud curtha lé chéile agus cuibhrighthe. Tréis tréimhse ag bailiughadh agus ag cuardach chuir sé deascán mór dán breágh lé chéile: díoghluim: cnuasach. Nuair bhíos im rud beag cuirtí ag cruinneáilt an deascáin i ndiaidh an choirce lé raca sa choinnleach me: na léasacha fada fáin d'fhanadh gan bailiughadh sa punannachaibh ar an dtalamh.

deascuighim: *b.a.* diúgaim go bun, tnáthaim, ídighim. Dheascuigheadar, na póitiridhe, an soitheach agus nár fhágadar diúir ann dá mbeidhtheá dhá sclogadh ag an dtart: d'óladar go tóin é: thugadar a thón anáirde: níor fhágadar dil ann. Tá do dheascán deascuighthe agat anois, ag cur luighead gan breis air an uile lá: caithte, ídighthe: éistighthe. Tá mo chuid airgid ar fad deascuighthe ag tógaint an tighe sin: caithte: ídighthe.

deasgabháil: *b.3.* dul suas ar neamh ar dheis láimh Dé. Déardaoin Deasgabhála dathad lá tréis Domhnaigh Cásca.

deasghruadh: *b.3.* uachtar na leicne fé bhun na súl. Deasghruadh: gruadh bhreágh. Cailín deasghruadhach: cailín go n-aghaidh bhreágh tímcheall a súl.

deaslabhra: *b.4.* inscne; líomhthacht a's fuinneamh cainnte. Mheallfadh a deaslabhra a chroidhe ó aonne: aoibhneas a cainnte. Dá n-aithriseófí an dán san lé deaslabhra b'aoibhinn éisteacht leis: na focail do chanadh mar budh chóir chun brighe agus binnis d'fhoillsiughadh.

deaslabhartha: *a.* deaghlabhartha; gan cháim uchtaigh; áiteamhach; áluinn, fuinneamhail i gcur na cainnte in iúil 'si dtuigsint. Toisc an eólais atá aige ar chuardóireacht is deaslabhartha é ag tagairt di: líomhtha, bríoghmhar, sothuigse, deimhnightheach.

deaslámh: *b.2.* an lámh dheas; áiseamhlacht; gar. Suidhte ar dheas- (dheis)láimh Dé. Ag déanamh deasláimhe, dar liom, do bhíos duit an t-ualach san d'aistriughadh dhuit: áise: maitheasa: éadtromughadh ar do chúram.

deasláimhe: *b.4.* áiseamhlacht; athchomaireacht; gar. Deasláimhe an domhain uile atá ag baint leis, bheadh iongadh ort a ndeineann sé de throscán agus de rudaidhibh tímcheall an tighe ar nós aon cheárdaidhe rianta: áiseamhlacht: clisteacht i ndéanamh rud. Tuata ceart seadh me ná fuil deasláimhe ar bith ag baint liom: clisteacht chun rud do dhéanamh nó do chur chun feadhma.

deaslámhach: *a.* cliste, áiseamhail. Tháinig an doras so deaslámhach go maith orm do bhí an t-adhmad agam féin: áiseamhail: gan puinn duaidh. Dhéanfadh duine deaslámhach leis smut d'fhalla do thógaint chómh maith lé haon tsaor: duine go mbeadh eolas ó nádúir aige.

deaslámhacht: *b.3.* clisteacht (oibre), críochnughadh; gastacht; foillsiughadh gliocais is aibeamhlachta in inntin nó i gcorp. A's me im gharsún bheag chuireadh deaslámhacht an táilliúra lé n-a shnáthaid iongadh mo chroidhe orm, a thapamhlacht agus a ghleóidhteacht do chuireadh sé greamanna: clisteacht: gliocas: ceárd. Sin peictiúir gur caitheadh deaslámhacht air: ealadha: inntleacht agus gliocas críochnuighthe. Lé deaslámhacht do bhuail sé sa chorrán é agus a fheabhas a bhí sé dhá chosaint: gliocas dórnála.

deasughadh: *f.* (*-ighthe*) ceartughadh, breághthughadh; cóiriughadh. Ag deasughadh an bhídh a bhí an cailín aimsire ar an uain gur chóir é do bheith ar an mbórd aice: ghá chóiriughadh, ullamhughadh. Deasughadh mór ar an seómra seadh na peictiúiridhe sin do bheith ar crochadh ann: áilniughadh: é do dhéanamh níos so-amhairce. Aiste chómh holc seadh í nách féidir í do dheasughadh, b'fhearr í do scríobh ó thúis airís: d'fheabhasughadh. Lat leidhbe air! tá sé ó dheasughadh anois agat: sa tslighe a's nách féidir é d'atharrughadh ar fheabhas. B'ait liom é, a's gan aon aithne agam air, é ag steallfhéachaint orm is ag deasughadh isteach liom: ag druideam níos giorra dhom.

deasuighim: *b.a. 7 n-a.* cóiriughim; ceartuighim; breághthuighim. Deasóchad an chistin ach aol do chur fés na fallaidhibh: breághthóchad í. Deasuigh tu féin a chapaill: téighir

san ionad ceart: ceartuigh tu féin. Deasuigh síos an fhaill: sleamhnuigh síos. Ná deasuigh liom-sa, ní theastuighir uaim: ná claoidh liom: ná bí ag ceangal díom-sa.

déata: *f.4.* tréith, airdhean, meón, adhm. Cé go bhfuil droichmhianach ann gheóbhfá ádhanna air ach é d'fhágaint ar a dhéataidhibh féin: gheóbhfá cao air go mbíonn maitheasaidhe ag baint leis ach é d'fhágaint ar a mheón féin: teadhanna: tuairmidhe: cuimhnte. Tá déataidhe maithe ann – carthanacht agus féile: tréithe: cómharthaidhe soiléire gur féidir rud do dhealughadh ó rud eile.

deatach: *f.1.* gal, an gal a éirigheas as aon rud a bhíos ag dóghadh, smúit. D'aithneófá ar an ndeatach a bhí os cionn an oileáin go raibh gála gaoithe air: an scamall éadtrom smúite. Is geairrid bheidh aon deatach sa pharóiste ar an slighe atá na daoine ag bailiughadh leo: aon teaghlach (líon tighe). Níl ionat ach rud deataigh, ní thógaim aon cheann díot!: rud suarach go mbeadh boladh an deataigh uaidh (a tógadh ar bhochtanacht). Lé h-aindeise a's le hamhgar ní raibh aca ach botháin dheataigh: tighthe bochta, sprionnlaithe. Ar an ndeatach do tógadh tu: i dtigh a bhíodh lán de. Pioc muinghine ní bheadh agam asat, d'iompófá ar nós an deataigh!: lé gach gaoith mar néann an deatach. Bainfead-sa deatach asat fós as me do bhualadh gan chúis: sásamh ó chroidhe. Dhá ghluaisteán ag baint an bhóthair dá chéile agus mara raibh deatach aca ní lá fós é: siubhal nimhe: smúit ag éirghe ar a bhfuaid. Beidh dlighe throm aca lé chéile agus mara mbeidh deatach aca: ionnsóchaid a chéile go nimhneach. "Ní bhíonn deatach gan teine" (seanfhocal): níl aon rud ná go mbíonn cúis leis. Scilling sa mbreis íoca ar gach deatach id chonntae: ar gach teaghlach. Deatach ar fad seadh thu, ní chuireann do scaothaireacht aon mhairg orm: leighfidh do chuid cainnte gan aon díobháil do dhéanamh: gleódh gan gníomh. Béim deataigh: tinnidheacht súl uaidh. Súile deataigh: súile dearga tinne uaidh. Tá boladh an deataigh uait!: rud suarach seadh thu. "Deatach!" friotal éighim nuair chídhtear obair mhear, thapaidh ar siubhal nó rud bheith ag tárlachtaint go pras: ar chlos ceóil go mear, tric, árd, etc. etc.

deathuighim: *b.a. 7 n-a.* tugaim dath an deataigh air, sailighim. Cad dheathuigh an falla san?: a atharruigh a dhath. Fan amach uaidh nó deathóchaidh sé thu: beidh boladh ód chuid éadaigh tréis teangmhála leis.

deichneabhar: *f.1.* uimhir deich d'aon rud, deich n-áibhé Muire san gCoróin Pháirtigh. Tá dóthain deichneabhair de bhiadh ar an mbórd: flúirse mhór nuair ná beadh ach beagán chuige. Sé an tslighe deirimíd an Choróin gach aonne agus a dheichneabhar féin aige.

déidheannach: [**déidheanach**] *a.* mall, uain mhall. Riamh riamh faid agus tá aithne agam air moch déidheannach ag tabhairt aire dá chúram: do shíor. Is é siúd, mar nách aon iontaoibh é, a chuirfidh an ola dhéidheannach ort: is é an sagart udhachta a bhéas ort é: marbhóchaidh sé thu: ceann des na seacht sácraimintidhibh, do cuirtear ar dhuine a's é ar thuilleamh báis lé hola do chuimilt air agus guidhe dho. "Ní déidheannach í an mhaith aon uair": dá aindeisighe bhíonn duine is féidir feabhas do dhul air ach atharrughadh. B'é an duine donn déidheannach é d'fhág an long agus í ag súngcáil: an duine deiridh: ní raibh neach eile innte 'n-a dhiaidh. Ní fheaca in aon áit go déidheannach é: le tamall gearr anuas. Mara luathuighir beir déidheannach chun na traenach: ní ruibfir í: beidh sí

imthighthe ort. Ní heól dom cad is ceart dom do dhéanamh, tá sé luath déidheannach agam aonnidh do dhéanamh: is cosamhail gur bheag an tairbhe faic do dhéanamh fé láthair. Go dtín lá déidheannach ní leigfead uathbhás an lae indiugh as mo chuimhne: lá na breithe. An fada uainn an lá déidheannach chun an chíosa d'íoc?: an sprioclá. Cur déidheannach dob eadh an gort san, beidh sé mall ag teacht suas: tréis ionbhaidhe: tharais an saosúr. Duine an-dhéidheannach seadh thu, an mbeir choidhche i dtráth chun aonnidh?: mall: righin, míothapaidh: neamhthráthamhail. Fás déidheannach seadh an meacán ráibe: i ndeireadh bliadhna d'fhásann. Scaoil liom, a réice, a's ná coimeád me déidheannach óm bhuidhin: ná scar lém threibh dhúthchais me. Tiocfad tráthnóinín déidheannach i slighe a's ná feicfear me: lé tuiteam oidhche.

déidheannaighe: (**déidheanaighe**) *b.4.* lé goireacht anuas: chun deiridh siar: tráth mhall. Brostuighimís nó béarfaidh an déidheannaighe ameasc na gcnoc n-achrannach so orainn: an oidhche: uain mhíothráthamhail. "Is fearr déidheannaighe ná ró-dhéidheannaighe" (seanfhocal): is fearr rud do dhéanamh uair éigin dá mhíothráthamhla 'ná gan é do dhéanamh ar chor ar bith. Tá dearmhad ort má tá súil agat leis siúd ar an sprioclá, mar tá an déidheannaighe riamh 'n-a dhiaidh: bíonn sé leasc, mall, do shíor agus de ghnáth. Chuaidh an tráthnóna chun déidheannaighe orm a's me ag seanchaidheacht leis gach aonne a bhuail liom: d'imthigh an tráthnóna tharm i ganfhios dom. Lé déidheannaighe anois bíonn na saosúir an-chorr ar fad: lé bliadhantaibh gar. Ar a dhéidheannaighe is bhí sé ag fágaint an tighe b'fhuraist aithint go mbeadh an cruinniughadh thart air: moille na huaire. Nuair bhí ár súil curtha dhe fé dheiridh agus fé dhéidheannaighe tháinig sé: i ndeireadh thiar thall: i ndeireadh báire. Chuir an déidheannaighe an t-éag 'n-a chroidhe: an ragairne: bheith amuigh ó n-a thigh ar amaibh míothráthamhla. Duine praitineamhail ná beireann déidheannaighe gnótha air: ná bíonn a ghnóth ar bóiléagar nó siar.

deifir: *b.5.* (*-freach*) deithineas, mórdheabhadh; cur as; bascadh; éagsamhlacht; neamhionannas; neamhchómh; an ponc a bhíos i dtreis; greithileán. Ní gábhadh leath na deifreach, tá flúirse aimsire againn agus gan puinn lé déanamh: dul trí chéile agus fuadar. Mara bhfuil aon deifir ort suidh go fóillín, budh mhaith liom rud éigin do chur id chómhairle: deabhadh mór. An aon deifir leat marcaidheacht do thabhairt dom?: an aon chur as duit?: an mór leat, mímhian leat, neamhthoil leat é? Duine neamhaistearach nách deifir leis babhta aighnis do bheith aige lé bod an bhóthair: duine saor ó bhráig ná cuireann nath seal do chaitheamh ag cainnt le haonne a bhuailfeadh leis ar an mbealach. "Bhuaileas thu, is oth liom é" – "ní haon deifir sin": ní dhéineann san bascadh. Deir daoine gur thug sé céad púnt air, daoine eile gur thug sé céad go leith air, is mór dá dheifir: an neamhchosamhlacht i méid an luacha. Bíonn deifir éigin 'n-a chunntaisidhibh i gcómhnaidhe: earráid: dul amugha. Ná héirigheadh an deifir eadraibh anois i roinnt an airgid: easaontas. An cailín céadna, an deifir eatartha: an chúis easaontais.

deifreach: *a.* tapaidh, mear, géibhineach. Beir fada air, ní gábhadh dhuit bheith chómh deifreach, "má tá céad gnóth againn tá céad lá againn": chómh géibhineach: tafantach: gáibhtheach: go dícheallach ag baint oibre as dhaoinibh. Obair dheifreach í seo nách fuláir í bheith críochnuighthe fé Shatharn: obair go bhfuil deabhadh agus gábhadh léi. Níos deifrighe 'ná bhí sé riamh, ag rith thall 'sabhfus mar bheadh madra go mbeadh deichneabhar ag feadghail air: fotharagach, neamhshocair: neamhstuidéartha.

deifreach: *a.* éagsamhail; neamhchosamhail, neamhionann. Cad n-a thaobh bheith deifreach leis na daoinibh go léir id thímcheall, ná gáirfeá uair éigin?: gan bheith mar iad. Nidh deifreach ar fad seadh cuid dhuine do bheith agat trí fhiachaibh agus é do ghoid: dhá rud gan aon chosamhlacht nó deallramh lé chéile. Fiche uair do dhein sé an cleas, deifreach gach uair: ar malairt slighe. Is iomdha cine dheifreach ins an Oileán Úr: iomadamhail: éagsamhail, i ndéanamh, i ndath, i dteangain etc. Labhair deifreach agus éisteóchaidh sé leat: go mín, gan bac lé gothaidhibh: ar malairt cuma.

deifreamhail: *a.* neimhionann, gan bheith mar a chéile. Daoine deifreamhla leis na Seapánaigh seadh na Sínigh in inntin: neamhéagsamhail.

deifridheacht: *b.3.* easaontas, neamhéagsamhlacht, malairt. D'éirigh deifridheacht eatartha mar gheall ar bhlúire bheag talmhan agus níor bh'fhéidir a réidhteach eatartha gan dul chun dlighe: achrann: neamhaontas: conspóid: achrann: ceal teacht lé chéile. [Is eol dom fear gur leasainm do "deifridheacht" toisc go gcaithfeadh a lá 'sa shaoghal ag argóint nó ag cur ceisteann]. Ní mór an deifridheacht slighe idir gabháil lastuaidh nó laisteas, tímcheall lé dhá mhíle: an t-atharrughadh: ceal bheith mar a chéile.

deifrighim: *b. n-a.* dealuighim ó; bím ar malairt tuairme, bím bun os cionn le. Deifrigheann Seán leis an gclainn eile go léir, tá sé fionn agus iadsan dubh: deighleann sé i ndath uatha. Ní dheifrigheann grádh agus searc puinn: ní mór ná gurb ionann iad.

deifrighim: *b.a.* ₇ *n-a.* luathuighim, brostuighim, tafantuighim, greadaim, brodaim. Deifreóchaidh an tSeapáin Sasana chun catha má leanann sí ghá griogadh mar tá: brostóchaidh: gríosfaidh. Deifrigh chugham an t-airgead mar tá géibhean orm: déin deabhadh leis mar teastuigheann sé uaim go cruaidh. Go ndeifrighidh Dia maitheas ort: go luathuighidh. Níor thaithnigh sé mar chaptaen lé haonne den bhfuirinn mar dheifrigheadh sé iad ar a luighead gnótha: bhaineadh sé deabhadh a's obair asta. Deifrigh léd chuid éadaigh é: cuir air iad do chríochnughadh dhuit go luath, tapaidh. Deifrigh ar: déin deabhadh leis. Deifrigh fé: luathuigh é (chun ruda do dhéanamh).

deifriughadh: *f.* (*-ighthe*) do dhéanamh deithinis; do bheith in éagsamhlacht. Ag deifriughadh ar mo chroidhe díchill ar eagla go mbeireadh an déidheannaighe orm san áit uaignigh, dítheólais: ag luathughadh. An scéal atá ag an ndochtúir agus ag muinntir an duine bhreóidhte táid ag deifriughadh go mór, is fada ó chéile iad: ní thagaid lé chéile ar chor ar bith.

deaghbheatha: *b.4.* saoghal maith maidir lé tómhaltas; saoghal ionraic. Is fusa don té ná bíonn i dtreis an tsaoghail deaghbheatha do chaitheamh 'ná 'on té a bhíos: beatha ionraic, dhiadha, chórach. Biadh cheithre uaire ist ló agus an chuid is fearr de, ní féidir a shéanadh ná gur deaghbheatha í: lón nó cóir bhídh.

deaghchreidmheach: *a.* deaghbheathach, dílis dá chreideamh. Más deaghchreidmheach bheith gan bréag ná scéal do chur ar a chómharsain agus pé maith a bhí ar a chumas do dhéanamh fear deaghchreidmheach dob eadh é: díreach, ionraic, deaghmhaitheach. Cé

fhéadfadh a rádh nár bh'fhear deaghchreidmheach an té nár bh'fhéidir lé namhaid ná cara oiread agus luach pingne do chur n-a leith: fear a chaith beatha mhacánta, lán d'eagla Dé.

deaghchríoch: (**deaghchríoch**) *b.2.* deireadh saoghail maith; deireadh maith. Deaghfhuadar deaghchríoch: an té a ghníos go maith agus go galánta bíonn ceann a bheatha nó a chúirimidhe go maith. Is bocht agus is sprionnlaithe do bhailigheadar a gcuid saidhbhris agus ní deaghchríoch do chuir a gclann air, scaipeadar agus d'eascuigheadar é le haor an tsaoghail: droichdheireadh do rug air. "Deaghchríoch nár théighidh air" (eascuinghe): drochdhán: droichíde: leigheadh go raibh ort!

deagheagar: *f.1.* cóiriughadh nó órdughadh maith. Budh dheacair ár ngasra saighdiúiridhe do ruagadh as a ndaingean ar an ndeagheagar do bhí ortha: an tslighe mhaith 'n-a rabhadar curtha lé chéile chun triaghail cheart do thabhairt uatha. Chaithfeá do shaoghal ag lorg leabhair sa leabharlann san, sin é deagheagar (seanbhlas) atá ortha: an tslighe soláimhe atáid curtha as tóin a chéile chun iad do bheith cúláisteach chun a bhfaghálthа. Chuirfeadh sé aoibhneas ort féachaint ar an ndeagheagar atá aice ar a seómraidhibh, mar tá gach aonnidh 'n-a ionad cheart: taithneamhach lé dearcadh air. Ceachtanna deagheagair atá sa leabhar: iad curtha i ndiaidh a chéile go soiléighte, sofhoghlumtha, ealadhanta.

deagheire: *f.4.* ualach maith, mór taithigeach. Á, a bhioránaigh, tá deagheire (airgid) agat tréis do thurais tar lear: múirle maith: spaga teann. B'shiúd í go raibh an neart innte ar an ndeagheire a iomcharadh sí ó bhaile go baile: ualach mór (déirce).

deagheolach: *a.* ar mhórán feasa; cliste; géarchúiseach; foghlumtha. Is mithid do san do bheith deagheolach agus a fhaid atá sé ag píleóitidheacht isteach ón Ribhéar (Luimnighe): feasach. Níor bh'aon chúis mhaoidhte dho bheith deagheolach ar phoilitidheacht na Rúise, mar chaith sé na bliadhanta buana ann agus bhí triall aige ar thuairmidhibh an uile chomplacht ann: cruinn, cliste 'n-a chuid feasa. Ní fhéadfá gan bheith deagheolach, mar is mór agus is fairsing a bhfuil léighte agat: cunntas cruinn, beacht do bheith agat: fios díreach mar bhíonn gan aon easbhaidh.

deaghiomchar: *f.1.* slighe mhaith beatha, gníomhartha maithe. Má tá deaghiomchar i neach ar domhan thug sé uaidh é, dá mhéid tarcuisne do tugadh do níor leig sé air gur chualaidh sé é: an tslighe smachtuigh sé a mhianach d'aindeóin an ghríosadhtha deineadh air. Buachaill deaghiomchar ar scoil dob eadh é, ní bhfuair dalta eile ná oide locht air: ná deárna aon rud gur bh'fhéidir locht d'fhagháil air.

deighleáil: *b.3.* conbharsáid; díol a's ceannach; leaghaidh bídh sa ghoile; cuid cuibheasach mór. Thug sé deighleáil airgid tar lear leis – tímcheall lé dhá chéad púnt: ádhbhar. Dá me thu ní bheadh aon deighleáil agam leó san, bíonn an ceann is fearr aca, cam nó díreach: aon bhaint: conbharsáid: síos ná suas: margáintidhe: díol ná ceannach iomlaoid. Cad é an tigh sa Daingean go mbír ag deighleáil ann?: ag tógaint earraidhe. "Neamhdheighleáil bídh atá ag teacht leat", ars an dochtúir, "caithfear tú do chur ar chóir airighthe, bainne agus biadhanna bána": ceal leaghaidh nádúrdha an bhídh.

deighleálaidhe: *f.4.* tráchtálaidhe, duine a bhíos ag díol nó ag ceannach earra áirighthe. Deighleálaidhe éisc. Deighleálaidhe plúir a's mine.

deighleálaim: *b. n-a.* tráchtálaim, díolaim nó ceannuighim. Go bráth airís ní dheighleálfainn leat, táir rócham dom: ní bheadh aon bhaint tráchta agam leat. Nár dheighleálaidh an biadh agat maran ort atá an airc chuige: nár théighidh síos leat.

deaghmheabhrach: *a.* tuigseanach, géarchúiseach. Mara bhfuil ceárd féin aige tá sé deaghmheabhrach, a's b'fhuraiste leis rud do thógaint 'n-a cheann: géarchúiseach: tuigsint ghéar, chruinn aige. Ní rófhada an mhoill air siúd eolas na talmhan do chur toisc é do bheith chómh deaghmheabhrach: inntin ghéar, shofhoghlumthach ar aon rud a léireófí dho.

deaghmheas: *f.3.* meas mór; moladh; urraim; ceanamhlacht. B'fhearr liom deaghmheas na ndaoine 'ná tarang capaill d'ór bhuidhe: cion tuillte. Bíodh deaghmheas agat ort féin a's ná téighir ar aon scór lé gach dailtín mí-iomchair: móraidheacht: urraim duit féin: cion ar do chlúdh.

deaghmheasta: (**deaghmheastamhail**) *a.* go mór-urramach. Bí deaghmheasta ort féin agus beidhfear deaghmheasta ort: meáidh tu féin go fearamhail deighiomchair agus meádhfaidh an sluagh ar an gcuma gcéadna thu. Fear deaghmheasta ameasc na ndaoine: go raibh urraim ag an gcoitchiannta do: cion aca air agus moladh tuillte dá thréithibh. Bí deaghmheasta ort féin: bíodh mórdháil agat asat féin: bí galánta: iomchair tu féin mar is cuibhe do dhuine gur mhaith leis cion na ndaoine. Deoch deaghmheasta dob eadh fíon Spáinneach: go mbíodh teist mhór uirthe: go labharadh gach aon go maoidhteach aiste.

deaghmhéin: *b.2.* deagh-aigne; deagh-inntin; galántacht; deaghghuidhe; dílseacht. Ná creid ó aonne go bhfuil urchóid ná díomas agam agat níl ach deaghmhéin, b'fhearr liom go mbeadh ór ar gach ruibe gruaige leat: na smaointe atá agam duit smaointe do bhaile seadh iad. Chuir sé fáilte rómham lé deaghmhéin, i dtaobh béas agus miochaireacht budh dheacair é do shárughadh: fonn aoibhneasa. Chuadhas chun cainnte leis lé deaghmhéin, ach tarcuisne in ionad urraime do fuaireas uaidh: fonn do bheith caoin leis. Riamh, riamh i ngéibhinn nó i soilgheas ní raibh aige ach deaghmhéin agus buige fé n-a chuid: galántacht: meas aige ar a iomchar. Slán, mise agat lé deaghmhéin: dílseacht: gach nidh ar fheabhas ar m'aigne duit. Cuirtear chughat an leabhar so lé deaghmhéin ár gcómhlachta: lé meas ort gurb áthas linn seo mar ghníomh.

deighmhiotal: (**deaghmhiotal**) *f.1.* mianach maith, bunadhas maith, adhbhar maith, ceart. Bíodh do mhuinghin as san ná teipfidh sé, tá an deighmhiotal ó phréimh ann: déanta den mianach cheart imtseasta, nó is dual do bheith i ndán fulang do dhéanamh nó gan féith an ghéillte do bheith ann. Griog leat é, ní chuirfir fearg air, den deighmhiotal seadh é: gidh gur furaiste líonruith do chur air ní bhrisfidh ar an bhfoidhne aige. B'iongtach uatha dul amach ag saoradh na druinge a bhí i ngábhadh, ach cad dhéanfadh an deighmhiotal?: an misneach ó dhúthchás. Neach ar an saoghal níl ná go dtiocfaidh tráth a chathuighthe agus tásdála a dheighmhiotail: an mianach (olc nó maith) atá ann ó phréimh. Gach léim as a chorp aige lé deighmhiotal: lé beódhamhlacht.

deighmhiotalach: (**deaghmhiotalach**) *a.* go deaghaigeanta, lé deaghmhéin, de mhianach nó adhbhar mhaith; beódha, fuinneamhail. Níor chaill sé a chainnt riamh, duine deighmhiotalach a bheadh fiafruighteach, báidheamhail gach tráth seadh é: go n-aigne mhaith, oscailte dos gach aonne. Ní furaiste iad do chur trí chéile, daoine deighmhiotalacha iad go bhfuil stóinseacht ag baint leó: fíormhianach geinte ionta.

deighmheisneach: (**deaghmheisneach**) *f.1.* deaghthréith na haigne in aghaidh conntabharthach, ceal meathtachta lé linn guaise; árdbhrigh; fonn mór. Duine leice gan deighmheisneach bídh seadh é agus a rian air: gan fonn cuibhe ithte air tré laige spiride. Ag taisteal ocht míle míle farraige n-a uath a's n-a aonar i mbád béaloscailte sé an deighmheisneach do bhuaidh dho: dánaidheacht: an aigne láidir ná cuirfeadh guais eagla uirthe. Gan dochma thug sé fén mbeart do dhéanamh agus deighmheisneach air: fonn gan eagla teipthe.

deighmheisneamhail: *a.* lán de mheisneach nó de spirid: neamhdhochmhail; gníomh na haigne chun a triall do shroichstint; dána. Thugas fé, agus ní go deighmheisneamhail é, i leith a's gach uair liom go raibh deireadh liom: gan é do bheith im aigne go n-éireóchadh liom. Gasra bheag deighmheisneamhail saighdiúiridhe d'ionnsaigh díorma budh sheacht mhó 'ná iad: ná raibh meathtacht 'n-a ndéantús. Bóthar fada, anacrach roimis, ach scaoil fé go deighmheisneamhail: gan dochma: gan bráig air roim an turus.

deighsheasamh: *f.1.* seasamh díreach, cuma agus crot maith. Fear chómh deighsheasaimh agus bhuailfeadh i subhal lae leat, imtheacht an tsaighdiúra oilte fé: é mar bheadh cuaille 'n-a sheasamh ar a dhíreach. Is é nár dhein an deighsheasamh nuair rug an gábhadh chuige air: ghéill sé nó mheath sé go náireach.

deightheagasc: (**deaghtheagasc**) *f.1.* oileamhaint nó tabhairt suas maith; do bheith i ndán múineadh nó oileamhaint mhaith do thabhairt. Fear deightheagaisc gur bh'aoibhinn léd chroidhe éisteacht leis ag cur síos ar chéad rud go soiléir, inspéise: fear go gcuirfeadh a chainnt in iúil go bhfuil eólas agus snas air. D'imthigh sé chun an donais do féin, b'é sin an deightheagasc do fuair sé (fonmhóid): solaoid agus múineadh maith. Múinteoir deaghtheagaisc a chuir mórchuid scoláiridhe in ionadaibh maithe beatha: sármhúinteóir.

deightheagmháil: (**deaghtheangmháil**) *b.3.* dáil shona; teacht lé ádhmharacht. B'é an deightheagmháil di an lá phós sí an fearr saidhbhir úd. Ón lá do bhuaileas leis a's gur thug sé adhmanas dom ní raibh lá gearáin agam, dob é an deightheagmháil dhom é: an tárlachaint. Seachain cuideachta an ólacháin, ní deightheagmháil í: ní sona an rud coidreamh do chur uirthe.

deightheist: (**deaghtheist**) *b.2.* cunntas maith, clú ionraic. Ní h-ag tabhairt breitheamhnais air é, níl aon deightheist air, é i gceann mhórán gur bitheamhnach é: pé tagairt nó trácht a déintear ar a ainm ní ar feabhas é. Dochtúir go raibh deightheist air agus mórán daoine dá bhfreastaladh sé lánbhuidheach do: ainm dochtúra maith air. Gach fíné do dearbhuigheadh 'n-a chúis deightheist do thugadar: tagairt fhabhrach.

deighthréith: (**deaghthréith**) *b.2.* an cómhartha (maith) gur féidir rud nó duine áirighthe do dhealughadh ar leithrigh lé feabhas; cáilidheacht áirighthe. "Cad iad na deighthréithe atá ag baint leis?" – "tá, féile, carthanacht agus macántacht": na hairdheanna nó cómharthaidhe fé leith ná fuil coitcheann ameasc daoine eile. Thug sé uaidh a dheaghthréithe i ngach áit dar ghaibh sé, sheasaimh sé a cheart, níor leig sé do neach bob do bhualadh air, agus ar gach slighe bhí 'n-a fhear intseasaimh. Deaghthréithe an chapaill sin é do bheith féicheamhanta, gan stailc: déanamh gníomh a chómharthuigheas gur capall maith é. A mheathtaigh, is tú ná fuil ionat deaghthréith: aon cómhartha gnímh gur ionmholta thú é.

deighthréitheach: (**deaghthréitheach**) *a.* go dtréithibh maithe, go sároilte. Fir dheaghthréitheacha b'eadh fir Sheachtmhaine na Cásca, fir a thug aghaidh go deaghmheisneamhail ar namhaid budh líonmhaire agus dob ineallta fé arm: fir go raibh mianach agus dánaidheacht thar beartaibh geinte ionta. Budh dheacair cailín níos deaghthréithighe 'ná í d'fhagháil, oilte ar theangthachaibh, ar cheól, agus ar ghnóth tighe: iomlán, léigheanta, deaghtheagaisc ar mhórán slighe. Deoch dheaghthréitheach do dhuine i laige nó i bhfanntais seadh brannda, aithbheódhann sí go tapaidh é: an cháilidheacht san do bheith innte: an mianach bunaidh.

deil: *b.2.* ineall chun miotail nó adhmaid, etc. d'iompódh agus do chúmadh lé húirlis curtha 'n-a thaobh nó i ngreim na láimhe. Caithfeam bád nuadh amach as an ndeil d'fhagháil: gan áis ná caitheamh uirthe. Hata amach as an ndeil air: hata nuadh, glan. Bíodh gach rud ar an ndeil agaibh nuair thiocfad: gach nidh réidh le tosnughadh ar pé rud atá lé déanamh.

deilbhighthe: *a.r.* cruthnuighthe, sínte amach (mar fotha tighe). Iasc chómh mion leis ní fheaca riamh, níl ach a rádh go bhfuil sé deilbhighthe: go bhfuil a chruth ann: gan toirt ná méid. Nách lom atá sé, níl sé ach deilbhighthe: caithte, croithte gan feóil. Chaith na saoir an lá ar fad sara raibh an tigh deilbhighthe aca: an fotha sínte amach in órd cheart. Theasbáin sé léarscáil dom go raibh an ceanntar ar fad deilbhighthe air: tairngthe dréir córach (scála).

deilbhín: *f.4.* cuma nó crot suarach, truaillighthe. Oiread an frighe níl san deilbhín bocht: truaghán: duine beag, suarach i dtoirt 'si ndéanamh. Sin é deilbhín mo pheictiúra, lé n-a luighead is deacair me d'aithint ann: macsamhail bídeach.

deilgne: (sluagh-ainm) *b.* mórchuid dealg. Deilgne aitinn, éisc, sceach.

deilgneach: *a.* go mórchuid dealg. Iasc deilgneach seadh deargán: bíonn clipidhe droma géara air. Bíonn an ghraineóg, aiteann, sceach agus an rós deilgneach: spíce (spícidhe), clipe (clipidhe), nó bior (bearra) caol géar sáidhteach ag fás ortha.

deiliumhas: *f.1.* clódhchas cainnte, táthaireacht mar thabharfadh duine óg do dhuine fásta nó aosta; tarcuisneach d'uachtaránaibh, drochmhúineadh. Deiliumhas dom, duine gan eólas, mar me, dul chun áitimh lé duine eolgaiseach mar é: mío-mhúineadh, ceal urrama dréir mo cháilidheachta. "Budh mhór an obair do gharsúinín mar é labhairt ameasc scata

fear" – "cad dhéanfadh an deiliumhas?": dánaidheacht gan cur leis nó neamhoireamhnach. D'fhiafruigheas de cad fé ndeár dho foghail do dhéanamh ar mo ghabháltas. Chrom sé ar dheiliumhas do thabhairt dom – gur chuma dhom, go ndéanfadh sé pé rud go dtaidhreóchadh sé air, etc.: drochmhúineadh: mí-iomchar: táthaireacht: cainnt neamhbhéasamhail. Nár mhór an deiliumhas don dteallaire bheag deich mbliadhan a rádh lé fear ag brughadh ar a dhathad go múinfeadh sé a chúram do: dearbhacht ann féin gan aos ná eólgaiseacht dhuine eile do thabhairt dá aire. Ní deiliumhas go dtí é, bualadh isteach ar chorp chugham ag cur isteach orm gan oiread agus cnagadh ar an ndoras ghá fhógairt féin: dímheas maidir lé míbhéas. Nár mhór an deiliumhas do Rúsbhailt a rádh le Hitlear cad budh cheart do dhéanamh lé daoinibh as an Almáin: tagairt míochuibhe dho rud nár bhain leis. "Cuir mo chuid bídh ar bórd chugham", ar seisean gan a luighead buannachta aige orm, nár bh'é an deiliumhas é: dánaidheacht, táir agus ceal béas.

deiliumhasach: *a.* táir, dána, mí-iomcharach, teallaireach, míomhúinte, eadaránach; neamhnáireach; "gan allus gan náire". "Brisfinn gach cnámh id chorp!" arsa lán mo dhuirn d'fhear lé fear antréan. "Is deiliumhasach é!" arsa fear a bhí ag éisteacht: dána, ait, neamhurramach, fastaoimeach. Labhair sé tarcuisneamhail a dhóthain, ach dá labharadh beagáinín níos deiliumhasaighe, is baoghalach ná foidhneóchainn leis: níos droichbhéasaighe agus níos lugha urrama dhom. "Tá an tráthnóna bog", arsa fear lé garsún, "chómh bog san", ars an garsún go deiliumhasach "go raghfá ar lár ann!" míomhúinte, gan stiúradh, gan béasaibh. Tógann sé rudaidhe a bhaineas liom gan chead, gan iarraidh, go deiliumhasach gan suim do thabhairt ná bíonn buannacht ar bith aige a lithéid do dhéanamh. Oiread an frighe d'fhear agus a ghunna go deiliumhasach ar a ghualainn aige, ag gluaiseacht chun catha: mar bheadh saighdiúir ceart oilte. Shuidh sé go deiliumhasach sa chathaoir nár leis agus dubhairt leis gach aonne druideam uaidh: go hughdarásach gan buannacht. Budh dheiliumhasach an rud don seirbhíseach leitreacha a mháighistir do léigheamh nuair gheibheadh sé a dhrom leis: míonáireach, dána.

deimheas: *f.1.* úirlis ghearrtha dhá bheann, gabhtha ge biorán, idir n-a gcuirtear an rud a bhíos lé gearradh; saghas siosúra móir; guith; teanga bháirseamhail. Fuair sé an deimheas ar mhargadh an airgid: chaill sé a raibh aige: lomadh é. Ní dubhairt seadh ná ní headh léi nuair chonnac an deimheas a bhí uirthe: an deallramh chun cainnte ná beadh róchneasta. Lagadh ná staonadh ní théigheann air ach deimheas chun oibre do shíor a's de ghnáth: guith oibre: fonn neamhchoitcheann. Ghaibh sí (long, bád) an taoide ó thuaidh agus deimheas uirthe: siubhal (gluaiseacht) mór fúithe. Níor bh'fhearrde aonne deimheas na mná úd: teanga ghéar. Tugadh an deimheas 'n-a bpágh lae dhóibh nuair tháinig an dubhluachar: luigheaduigheadh (gearradh) tuarasdal. Lá go raibh deimheas air dob eadh é: lá fuar, nimhneach, lá a gheobhadh thríot.

deimheasatóir: *f.3.* duine go mórmhór bean, go mbíonn teanga ghéar aige; gearrthóir. Ní cuideachta d'aonne deimheasatóir, is mairg a ghnáthuigheas, mar nách móide dhuit ná do chách.

deimheasach: *a.* géar, bioranta. Bí séimh, ná bí chómh deimheasach a's nách féidir labhairt leat: réidh chun snapa do thabhairt ar a luighead cúise: nimhtheangthach.

deimhin: *b.2.* dearbhacht, daingneacht, fíirinneacht, 'talamh slán', dearbhadh, láidreacht. "Ná déin deimhin ded dhóchas" (seanrádh): ná bí dearbhtha, suidhte it aigne gur b'é an rud budh mhian leat a thiocfas i gcrích. Níl aon amhras ná gur deimhin toradh na troda so nuair admhuigheann an dá thaobh an rud céadna: is inchreidte an nidh atá cloiste. Deimhin fuachta na hoidhche airéir leac oidhir do bheith ann indiu: cruthughadh. Bheirim mo dheimhin duit go bhfuil iasc dá lithéid sa bhfarraige, do chonnac lém shúilibh cinn é: a dhearbhughadh dhuit: fírinne an scéil. Nuair chuala ó sheachtar, ochtar go rabhas marbh, cé ná déanfadh deimhin de?: cé hé ná creidfeadh é? Is dócha, nidh nách iongadh, gur deimhin a bháidhte a chuid d'fhagháil ar an dtráigh: dearbhadh: cruthughadh.

deimhin: *a.* dearbhtha, cinnte fíor. Go deimhin mhuis, dhéanfainn aon rud ar mo chumas duit: is fíor go ndéanfainn. "Bhuail an cladhaire i gcródh an chinn me le buille 'e bhata" – "go deimhin!" (iongadh): an fíor san? Go deimhin féin b'fhearr liom iargcúltacht agus uaigneas na tuaithe 'ná sluaighte agus gliogarm gliog na cathrach: is fíor ar fad é. Go deimhin agus go dearbhtha ní raibh lámh ná ladhar agam id chuid: go fíorfhírinneach. Budh náireach an rud go deimhin féin(ig) clocha do chaitheamh ar dhoras aonne gan aon amhras ar domhan. Go dearbhtha deimhin níor labhras focal cáinte uirthe: dearbhuighim di agus creideadh sí é.

deimhne: *b.4.* dearbhthacht, cruthughadh. Ráflaidhe ar siubhal gur thuit áthrach spéarach lastuaidh indé, ach níl aon deimhne air, níor bhuail aonne liom a chonnaic í: fínéacht a chuirfeadh 'n-a luighe ar an inntin gur thárlaidh a lithéid. Deimhne go raibh tulachas annso sa tseanreacht na fothaidhe fothrach atá lé fagháil trí troighthe fé thalamh: foillsiughadh nách féidir a bhréagnughadh. Dar lé n-ár bhfoirinn-ne gur deimhne an cluiche cinn aca toisc imirtheóiridhe maithe do bheith aca: saor ó amhras. Fuaireas deimhne béil uaidh go n-íocfadh sé síntiús sa mí as an gcraolachán: móide nár fhág aon amhras agam go raghadh i gcois a gheallamhna.

deimhnighim: *b.a.* dearbhuighim, cruthuighim, fíoraim (fíoruighim), treisighim, teasbáinim (do). Do scian do bheith im sheilbh ní dheimhnigheann in ao'chor gur ghoideas í: ní chuireann d'amhras é. Deimhnigh dom léd láimh an áit go bhfeicir an long: sín do lámh sa treó. Gach focal dár sceinn ó n-a bhéal do dheimhnigh lé n-a dhorn deas i nglaic na láimhe clé: threisigh sé, neartuigh sé: thacuigh sé. Deimhneóchaidh an aimsir céagainn araon go bhfuil an ceart aige: foillseóchaidh thar amhras. Dheimhnigh sé ar a mhóide go raibh an fhírinne aige: thug sé mionn Bíobla leis. Deimhneóchad leis an gcómhartha so gur me a mhac: cuirfead in iúil chómh soiléir sin ná beidh aon amhras 'n-a thaobh.

deimhnightheach: *a.* cinnte, dearbhtha. Dá me thu ní bheinn chómh deimhnightheach díom féin agus go n-éirigheadh liom i gcomhnaidhe: suidhte im aigne: daingean: "talamh slán" do dhéanamh. Níl neach deimhnightheach de rud ar bith sa tsaoghal so: níl sé i gcumas a réamhinnsint cad thárlóchaidh i ndeireadh dála. "Gheobhair ullmhughadh breágh, slachtmhar", ars an mháthair leis an leanbh crosta, "agus bí deimhnightheach de": ná bíodh aon amhras n-a thaobh ort. Budh mhór é ár ndíombáidh nuair fuaireamair an t-oileán gan biadh ná uisce, mar níor dheimhnighthighe sinn ar éirghe gréine 'ná go

mbeadh san i bhflúirse ann: níor lugha amhras sinn: suidhte, meáidhte ’n-ár gceann go mbeidís ann. Táimid deimhnightheach d’aon nidh amháin ar an saoghal so, an bás: fírinne nách féidir do chur ar neamhnidh. Cuireadh teachtaire deimhnightheach chun scéala cruinn do bhreith go ceann spric: teachtaire iontaobha: teachtaire gur b’fhéidir muinghin do bheith as. Bain glór as an airgead san, ní dóigh liom gur réal deimhnightheach é: ceann déanta den mhianach cheart. Seachain an roth san, níl sí ró-dheimhnightheach: roth seadh í ná beidhfeá sásta it aigne ná go gclisfeadh sí ort. Cómhartha deimhnightheach talmhan seadh uisce (sáile) éadoimhin: cómhartha gur féidir seasamh air.

deimhniughadh: *f.* (*-nighthe*) do dhearbhadh, do chruthughadh, do threisiughadh, do thacughadh, d’fhromhadh; d’fhoillsiughadh; do theasbáint. Dá mbeadh sé ó shoin ag deimhniughadh an oileáin dom lé n-a mhéir ní fheicfinn é, ní fheadar an raibh sé ann nó as: ag síneadh a mhéire, ghá theasbáint dom. Mar dheimhniughadh ar gach focal bhuaileadh sé an bórd go dubhluighthe: do chur a chuid cainnte i luighe gaibhte ar a lucht éisteachta etc. Mara bhfuil de dheimhniughadh ar bháthadh na luinge ach bád léi d’fhagháil ná géill do: de theasbáinteas a chuirfeadh in iúil gan amhras ar bith. Dá mb’fhéidir a dheimhniughadh dho go bhfaigheadh sé síob ar an aonach raigheadh sé ann, ach tá sé andhothuigseana: a shuidheamh dho i slighe a’s ná féadfadh aon amhras fanacht aige air. Tá árthaighe spéarach lé Sasana ag leigeant billeóg ar an nGearmáin ghá dheimhniughadh don bpobal ann mara mbeadh Hitlear ná beadh aon fhonn cogaidh ar Shasana leó: d’iarraidh a chur ’n-a luighe ortha. Tá cómhartha róid ar ár gcrosaire ghá dheimhniughadh do dhaoinibh iasachta cad é an treó agus an t-achar atá an Daingean as so: ghá theasbáint. Bíonn cuideachta mhaith againn air gach oidhche anois ag deimhniughadh dhúinn ar an gcogadh: ag trácht a’s ag míniughadh dhúinn connus tá aige. Tá sé i mbraighdeanas lé sluid ach cé déarfaidh go bhfuil sé cionntach, cá bhfuil an deimhniughadh air?: ní bhfuairtheas aige í agus ní feacthas dhá déanamh é: an cruthughadh a bunóchadh san aige gur fíor é.

déin: *b.* (neamhdhiallta) ionad, treó. Téighir fé n-a dhéin, ní bheidh faic caillte agat leis, b’fhéidir do do theachtaireacht do dhéanamh duit: téighir agus buail uime. Bí fém dhéin i Malla, bead ann ar traen a ceathair: tair ann nó téighir ann chun buailte liom. Beidh arm láidir go maith ag an bPólainn thoir fé dhéin na Gearmáine: ar an mbealach roimpe chun a cosctha nó catha do chur uirthe. Theicheas lé heagla bheith fé n-a dhéin ar theacht abhaile do: bheith san ionad (sa bhaile) ar shroichstint do. An biadh fém dhéin-se é seo nó fé dhéin dhuine éigin eile: im chóir-se. Chonnac ag seóladh fé dhéin an chuain an bád: i dtreó an chuain. Aon rud do fágfí fé n-a dhéin d’fhuadóchadh leis é: fé n-a léighe: in ionad ar bith go bhfaigheadh é. Téighir fé n-a dhéin agus abair leis gan teacht a thuilleadh (den slighe): in a choinnibh ar an mbealach (lé heolas nó teachtaireacht éigin). Fé dhéin eolais do thánga annso: ar lorg eolais mar a raibh súil agam go bhfaighinn. Mar shamhluightear domsa táir ag dul fé dhéin an diabhail: ag dul chun an donais: ag dul ar t’aimhleas. Bhailigh na sluaighte fé dhéin an taoisigh ar fhilleadh thar lear do: fé n-a bhrághaid: in ionad áirighthe chun buailte leis agus é d’fháiltiughadh.

déine: *b.4.* (**déineacht**) dásacht, íogaireacht, ródhíograis, doirbheacht, fóiréigean, géire. Déineacht an tsaoiste ar na fearaibh oibre ná fanfadh neach aca ’n-a adhmanas, ghá síorghríosughadh chun breis oibre agus gan bheith sásta lé haon rud a dhéanfaidís:

cruadhacht: ceal géillte dhóibh. Fear seadh é go bhfuil an diabhal buidhe lé déine air chun airgid: ar a chroidhe díchill chun é do dhéanamh ar chuma ar bith, go mórmhór as allus dhaoine eile. Ní rabhas i ndán fulaing lé déine ar mo chroidhe agus b'éigean dom géilleadh: an duadh a chuir ascnamh an chnuic lé n-a ghéire nó a achrannaighe orm. B'éigean dos na míltibh teicheadh ón dtalamh lé déine na dtighearnaidhe talmhan: cruadhacht agus dochracht: géirleanamhaint: bheith i mullach an chinn ortha gan faoiseamh lé císeannaibh troma. Bhíodh drom na ndaor ag lúbadh lé déine na n-ualach do cuirtí ortha: mórmheádhachtaint fé ghríosadh deabhaidh. Bhris ar m'fhoidhne leis lé n-a dhéine, bhí sé ghom cheistiughadh, go ndubhart leis ná faigheadh freagra ar bith uaim: géire ghoirtightheach: leanamhaint dheacrach gan sos, gan scur. Ní fhásann faic ann lé déine(acht) na síne: neart, cruadhtan agus neamhfhabhar. Orainn-ne, a bhí in ionad gan fascain ná cosaint, do rug déine teine na namhad: an chuid budh mharbhthaighe a's budh dhuaibhsighe. Saoghal bocht ár ndóthain a bhí ag cuid againn lé linn síothchána, ach is ag dul i ndéine dho anois lé linn cogaidh: ag dul i gcruadhacht, in olcas: gur deacra dhúinn maireachtaint. Déine a ghrádha dhi gur ídigh sé é féin nuair dhiúltuigh sí dho: rómhéid: iomadamhlacht agus díoghrais a ghrádha. Bíodh san anois aige, ceal sláinte as a dhéine a bhíodh sé air féin: gan sos gan lag(adh) ach do shíor ag luighe air féin: ghá chur féin thar n-a riocht ar gach rud a bhíodh dhá dhéanamh aige. Ní fhuilngeann déine mo theachtaireachta moilliughadh: géibheann: deabhadh agus deithineas. Chaitheas uaim an madra dubh lé n-a dhéine, chiapfadh agus chlipfeadh sé thar ceart ainmidhthe go gcuirfí n-a ndiaidh é. Déine na gaoithe do strac ár seól: neart rómhór. Déine na srutha do scuab an droichead: foirneart gan maolughadh. A dhéine oibre agus saothair a bheir do an oiread do scríobh n-a ghiorracht aimsire: díoghrais: guilm: fonn ó chroidhe amach. A dhéine is chuaidh an long ar an dtalamh ag teicheadh ón mbád fé thuinn míorbhailt dob eadh é nár bhuail sí: a ghiorracht lé dánaidheacht. A fhios gach uair liom a's a dhéine a bhí an chú ag dul ar an ngirrfhiadh go raibh sé snapuighthe aice: a dhlúthghiorracht a's a bhí sé dho d'iarraidh beartha air lé barr siubhail agus eisean d'iarraidh éalódh ar an gcuma gcéadna. Ar a dhéine fé airgead ná bíodh súil lé puinn agat uaidh: fonn mór a choimeádta: dochma mór a scartha. Is ar a déine dhom bheith i dTráighlí fén oidhche, tá an turus fada agus furmhór an lae caithte: beidh sé mós deacair dom: is é breis agus mo dhóthain mór cúraim é. Is ar dhéine an déanaimh do gheibheann bráigheanna cogaidh: bítear níos deacra, níos neamhcheannsa leó 'ná mar budh ghábhadh nó budh cheart.

déirc: *b.2.* almsain, aon rud do tugtar as ucht carthanachta, caolchuid. "Táir ag iascach ó mhaidean; cad tá agat tréis do dhuaidh?" – "an déirc": fíorbheagáinín: ní fiú trácht air. Chuir an tsiopadóireacht ag iarraidh déirce é, b'fhiú na mílte é, níl faic anois aige: dhein duine bocht de. Ní dhéanfá beart chómh sprionnlaithe ar dhuine a bheadh ag lorg a dhéirce: duine fíorbhocht: duine gan aitheantas air. B'fhearr liom mála na déirce do ghabháil 'ná bheith ag broic libh: dul ag lorg mo choda bídh ameasc daoine iasachta 'ná bheith etc. Breóidhteacht a's aindeise i rith na bliadhna 'n-a measc gur díol (naoidhe) déirce iad uile: daoine atá i ngábhadh cabhartha chun a gcothuighthe. Saoghal chómh deacair sin aca go bhfuilid ar an ndéirc: ag fagháil cónganta cothuighthe ó chumann nó bórd poiblidhe éigin. "Is breágh é bhur saoghal muna déirc a dheireadh dhíbh" (lé daoinibh díomhaoine) – "má seadh féin, is breágh, aerach an obair sin" (an freagra): bailiughadh a gcoda. A chrot le holcas ní fheaca ar aonne riamh, budh dhéirc ó Dhia dhuit rud éigin do thabhairt do: Dia féin a chuirfeadh it aigne é ar a shon. Déirc seadh thu má

b'eadh aonne riamh, a bhfuil de chruadhtan a's d'aindeise beartha ort: duine a thuilleas (le hanacaireacht) deaghthoil nó ceannsacht. Ag síorlorg 'sag cnáimhseán do bhíonn an ruidín déirce: rud (duine) suarach, gan anam, gan mheastamhlacht.

déirceach: *f.1.* "bacach", duine a bhíos ag brath ar chách chun a chothuighthe; duine go mbíonn uireasbhaidh bídh air. Níl ionta ach scata déirceach: daoine fíorbhochta.

déirceach: (**déirceamhail**) *a.* carthannach, bocht, tugtha do chabhair chothuighthe. Bí déirceamhail leis an nduine déirceach: carthannach leis an té go bhfuil ceal air. "Is déirceamhla dhuit tú féin 'ná aon duine eile" (seanrádh): má tá ar do chumas tabhairt, tabhair duit féin ar dtúis.

déirceóir: *f.3.* duine a bhíos ag lorg ruda éigin (rómhinic) go mórmhór biadh, almsanach. Faic ní fheaca riamh uaidh ach i gcómhnaidhe 'n-a dhéirceoir: ag lorg 'sag brath ar dhaoinibh eile. Is árd é a ghlóire sa flaitheasaibh anocht, budh mhaith an déirceóir é: budh fhlaitheamhail fé n-a chuid é.

déircín: *f.4.* duine suarach, lorgaire sprionnlaithe; iarrthóir ciapuightheach. Nár bhreágh an rud san fear a loirgeóchadh rud ort as an gceanntsláine ach gan bheith 'n-a dhéircín ag lorg go mion agus go minic: bheith 'n-a shnámhacánaidhe shuarach. A bheag 'sa mhór, indiu 'sambáireach loirgeóchadh an déircín é: iarrthóir gan náire. Ag imtheacht chuige im dhéircín a's mo lámh sínte agam a mheasais do bhein, an eadh? tá a mhalairt de mheas agam orm féin: ag lorg go suarach.

déircínteacht: *b.3.* mionlorgaireacht shuarach, ag síoriarraidh gach aonnidh go gcuimhneófá air. Fuaireas a iasacht lé déircínteacht go bhfuil náire orm 'n-a thaobh: lorgaireacht úiríseal gan náire gan allus. 'T'rom, t'rom', náire chughat, ní fheacaidh Dia ná duine riamh thu ach ag déircínteacht: ag crádh na ndaoine léd shíorlorgaireacht. Níor thúisce 'ná bhein ag déircínteacht cheannuigheas ineall dhom féin: bheith ag lorgaireacht a's "mo mhéar im bhéal agam".

deireadh: *f.1.* críoch, críochnughadh, deó, ceann; an chuid iarthair; tón, toradh, fuighleach, cúl. "Deireadh luinge báthadh; deireadh catha gleódh, deireadh átha loscadh, deireadh flatha a cháineadh; deireadh sláinte osnadh" (seanrádh): deo: an chuid chríochnuighthe. "Deireadh na muice" (logainm), earr nó earball cnuic. Bíodh deireadh leis mar scéal, tá sé dulta chun anatais: críochnuightear é a's ná cloistear a thuilleadh 'n-a thaobh. Is fada ó dheireadh fós sinn, féach a bhfuil rómhainn: ón gcrích: gan pioc eile do bheith fágtha. Lé linn droichshíne nó teangbhála áidhbhéile éigin deirtear "is é deireadh an tsaoghail é". "Thug sé a thosach do mhuir a's a dheireadh do thír": do bhailigh sé leis go grod: as go bráthach leis. B'é deireadh na mbeart as an áiteamh a's an argóint gur throideadar: toradh: an rud a tháinig as. Leighisfidh san é nó cuirfidh deireadh leis: marbhóchaidh é. Ní raibh ach a rádh go rug an sagart 'n-a bheathaidh air; bhí sé i ndeireadh na feide: sa troitidhibh déidheannacha: ar thuilleamh báis: i ndeireadh na déithe. D'imthigheas lé líonruith is lé scannradh i ndeireadh an anama: chómh mear agus b'fhéidir lém chosaibh me d'iomchar. Bíodh deireadh agus tosach agat ag tromaidheacht orm-sa, nó beidh cúiteamh agam díot, ní a haon ná a dó agat é: ná bíodh sé den mhío-ádh

ort bheith cionntach airís. I bhfad Éireann ag machtnamh dom cad budh cheart dom do dhéanamh, mé idir dhá chómhairle géilleadh nó troid, i ndeireadh na dála bheartuigheas gur bh'onóraighe dhom troid: i gcrích (in earball) na haiste aigne dhom: fé dheóidh. "Is oth liom a rádh go bhfuil sé i ndeireadh a mhaitheasa", ars an dochtúir, " ní théarnóchaidh sé": an chuid is fearr dá laetheantaibh feicsighthe aige. Go dána, madaramhail, fíochmhar do bhruidhin sé 'n-a aonar iad, fiú agus é i ndeireadh a síthbhialtachta ní ghéillfeadh: ar mbeidh claoidhte dho nách mór. Díreach agus sinn i ndeireadh ár gcoda bhuail sé chughainn isteach agus dubhairt bean an tighe, "is maith an áit go rabhais, in am an bhídh do rugadh thu": agus sinn ag críochnughadh ár mbéile. "I ndeireadh a gcoda seadh throidid na coileáin" (seanfhocal): nuair bhíd ar na greamannaibh deireannacha. "Éirigh as an ól agus tóg mo chómhairle" – "tá deireadh agam": ní bhlaisfead airís é. Is beag é meas an tighe orm-sa, is mé a gheibheas deireadh: cuimhnightear ar gach duine eile ann rómham. Léigh gach leabhar ann ar dtúis ach an ceann gorm, tabhair deireadh dho san: fág é go mbír réidh leis an gcuid eile. "Is minic do fuair deireadh ailp": gurb é an té a bheadh ar an earball thiar nó bheadh ró-mhall go mbuailfeadh an chuid budh thairbhighe é. Léan id dheireadh!: maisle chughat!: mío-ádh ort. "I ndeireadh báire", ar seisean "buadhfaidh Sasana agus an Fhrainnc ar an nGearmáin": tréis áirighthe mhór aimsire agus coimheascair. I ndeireadh thiar thall b'éigean den atúrnae éirghe dhe bheith ghá cheistiughadh toisc ná faigheadh sé hob ná héib as: i gcrích thiar. Ní hiad lucht déanta an chogaidh a bheidh chun deiridh leis an gclampar ach na saighdiúiridhe bochta a bheidh ag troid, aindeise, marbhadh, gonadh etc.: a bheidh caillte leis: a fhuilngeóchaidh. Díoladh stoc anshaor indé táthar chun deiridh ionta le mí: caillte: dulta siar. As do dheireadh aniar é!: treise leat (go searbhbhriathrach). Ó thúis deireadh d'aithnigheas air go raibh rud éigin ar eolas aige dá mbudh mhian leis a scaoileadh: ar feadh na haimsire. "Ó thúis an chluiche go deireadh na scríbe/ fé mar chaithis riamh/ seadh chaithfeá airís é (do shaoghal)": críoch do ré. Deireadh Sathairn seadh é. Deinimís deireadh dhe (obair, gnóth): críochnuighimís: éirighimís as. Táimid lé deireadh na bliadhna nách í sin an Nodlaig buailte leat: angheairrid do. An lá fé dheireadh do chonnac é: beagán laetheanta ó shoin. Corr-each (miúil) malluighthe a thabharfadh a deireadh dhuit, seachain tú féin!: a speachfadh leis na crúbaibh thiar. Fiche uair do scríobhas chuige ag lorg m'fhiacha air gur chaitheas deireadh na foidhne leis a's gurbh éigean dom é do sheirbheáil: ní raibh ionam tuilleadh d'fhulang. Ní bhfaighim aon deireadh ort: ní thuigim cad tá ar siubhal agat. Ubh deiridh líne: ubh beag, do bheireann cearc agus ní bheireann a thuilleadh den gcor san. Tá baoghal mór ar do dheireadh oibriughadh ar nós aonne: ní ghoirteóchaidh sé in ao'chor thu.

deireannach: *a.* déidheannach, tréis na coda eile, mall dréir aimsire. Sid é an uair dheireannach agam ag fógairt duit: ní fógróchad airís. "Ná bíodh buille deireannach an tSathairn againn ná buille luath an Luain" (seanrádh): ná bímís ródhian orainn féin óir tá an tseachtmhain fada againn. A dhúthrachtaighe agus bhí sé thug sé an taointe deireannach gan gearán gan casaoid: a raibh ann (de neart). "Bíodh deireannach díombáidheach" (rádh): an té ná bíonn in am bíodh thiar air: bíodh a mhilleán aige air féin. Moch deireannach bíonn sé ag gabháil dá chúram: luath mall: gan sos gan stad. Ná bí deireannach orm: ná bím ag feitheamh leat. Leanbh deireannach dob é: saoghaluigheadh é nuair bhí a mhuinntir isteach san aois. Beir deireannach an lá déidheannach: duine thu ná raibh a's ná beidh choidhche in am. Fonn ná deabhadh ní

raibh orm chun mo ghunna do ghéilleadh, b'é an t-urchar deireannach liom scaramhaint leis: dhéanfainn aon rud roimis lé lúib istigh ann. An babhta deireannach do bhíos in Áth Cliath: an turus is giorra don am atá ann fé láthair. Níos deireannaighe 'ná riamh: choidhche mall.

deireannaighe: *b.4.* do bheith i ndiaidh na trátha gnáth nó ceart; i bhfad isteach in am; tárlachtaint geairrid ó shoin, moill. Beidh deireannaighe ar an leitir muna gcuirtear i bpost anocht í: beidh sí mall dá thriall nó dá thoisc. Duine leadaránach go mbeireann an deireannaighe sa Daingean air: tráth i bhfad isteach thar chailc: míothráth. Deireannaighe an lae a choisc ortha a thuilleadh troda do dhéanamh: gan puinn eile den lá do bheith lé caitheamh. Bíonn thiar ar an ndeireannaighe: an té a bhíos mall bíonn sé cailleamhnach: is dóichighe de dho dochar do bheith air tríd. Tháinig sé leis an deireannaighe: le tuiteam oidhche. Luathuigh agus ná beireadh deireannaighe ort mar beidhfear ag feitheamh leat: moill. Lé deireannaighe do thréig sé, budh mhaith an fear bliadhain ó shoin é: giorracht aimsire.

deirge: *b.4.* (**deirgeacht**) do bheith dearg; talamh treabhtha. Teastuigheann ó Aire na Talamhaidheachta cuid mhór dheirge do dhéanamh lé haghaidh an chogaidh: an bán d'iompódh lé n-a chur: ithir do dhéanamh. Cómhartha maithe deirge na gréine ag dul fé: dath dearg ar an spéir ó n-a gathaidhibh. Ní bheadh mórmhuinghin agam as an gcneadh san, ní maith é a deirge: lasadh agus at. D'aithneófá ar dheirge na n-ubhall go rabhadar aibidh. Deirge na dighe go bun na gcluas ann: dath trom, dearg ó bheith ag ól.

deirgidhe: *b.4.* bó go mbeadh dath dearg uirthe. c.g. bán, báinidhe etc.

deiridh: (*g. ar* deireadh) D'éirigh sé ar a ingníbh deiridh chugham agus níor fhág thíos ná thuas orm é: d'éirigh sé chun cuthaigh is cainnte.

deirín dé: *f.4.* solas beag lag mar bheadh ar cheann suip siúirdín. Bítear ghá chasadh go dtaidhbhsigheann 'n-a choirceal. Bréagann sé leanbhaidhe bídeacha agus leanann rann leis: deirín dé, d.d./ tá na gabhair ag labhairt sa bhfraoch/ a's raghad-sa féin go flaithis Dé/ más féidir é.

deis: *b.2.* cumas, comhthrom, buntáiste. Tógfad tigh ar dheis na gréine: ar thaobh na gréine. Is deacair slinn cinn tighe do phráibeadh (plástráil) ón dtaobh istigh mar ná bíonn an deis cheart air: slighe chomhthromamhail chun teacht air. Suidhte annsan cois teine id chathaoir shocair a's do ghal agat, táir ar do dheis: ar do sheascaireacht, sochmacht, sástacht. "An féidir leat arán do bhreith chugham ón siopa?" – "is me atá ar a dheis – mo thrucail féin agam": is agam atá an chao cheart air. An té a bhíos 'n-a chómhnuigh i mbaile mór is iomdha deis a bhíos aige ar mhargáintidhibh saora ná bíonn ag duine tuaithe. "An gcaithfeá an leitir sin 'on phost dom?" – "is me atá ar a dheis, bead ag gabháil thar brághaid": cao oireamhnach agam. Dá bhfaighinn-se deis mo bhéil air, d'inneósfainn rud do ná taithneóchadh leis: cao agus tráth go gcaithfeadh éisteacht liom. Ní deis na láimhe dhom bheith ag fuaghgháil ná ag scríobh leis an gceatóig: oireamhnach di: ní thagann go réidh, sonaoideach. Chuireamair an bád fé sheól, mar bhíomair ar dheis na gaoithe: os chionn na gaoithe: bhí an ghaoth fabhrach. Budh bhreágh an cainnteóir é,

bhí a theanga ar a dheis aige: ní raibh smaoineamh ’n-a cheann ná raibh bréithre líomhtha oireamhnach aige dho. Cuir deis ar do chuid scríobhnóireacht nó geóbhfar locht ort: feabhas, slacht. An t-airgead a thuit isteach ortha a chuir deis ar fad ortha: a chuir slacht ortha: a dhein neamhspleádhach iad. Gan suidhe ar lár an tochta ní bheir ar do dheis: in ionad sheascair chun pé nidh is maith leat do dhéanamh. Sara mbeidh súd réidh leis an ineall beidh sé ar dheis mhaith aige: in órdughadh cheart oibre. Cad é an deis atá ar do phóca?: connus tá agat maidir lé hairgead? Dá mbeinn ag faire ó shoin ní bhfaighinn aon deis ar an hata do sciobadh: cao trí neamhaire dhuine éigin. Ar an ndeis oibre atá aca ní chríochnóchaid go lá an luain an tigh: an chuma ’n-a bhfuil an obair beartuighthe nó sínte amach aca. Is iomdha deis do dheineas do, dheininn rudaidhe do thabhairt ar iasacht do, d’oibrighinn do lé linn broide agus a lán eile: comaoin: maitheas a oireadh do. Fág san, ní haon deis dom tu: táir sa tslighe orm. Fuaireas chúig phúint a thagas isteach chun mo dheise chun dul go hÁth Cliath: go hoireamhnach, tráthamhail. Is me atá gan deis ar an méid sin airgid: teacht air. Ón bhfuinneoig seo níl deis radhairce agam ar an oileán: cao oireamhnach.

deisbhéalach: (**deasbhéalach**) *a.* líomhtha leis an dteangain; comhgarach; tagarthach. “Is déirceamhla sinn féin ’ná aonne lé linn riartha” – “is deisbhéalach do labhrair”: fuaimeantamhail: taithneamhach lé clos. “Chonnac-sa tu ghá thógaint, ná séan é” – “maran deisbhéalach ataoi”: pras féd theanga lé rud ná baineann leat. “Connus tá do mhac?” (go fonmhóideach) – “tá gach rud aige ach ciall a’s airgead!” B’shin freagra deisbhéalach: gonta. Thaithneóchadh sé leat ag innsint scéil, b’é budh dheasbhéalaighe: slachtmhar, líomhtha, inspéise.

deisbhéalaighe: *b.4.* (**deasbhéalaighe**) beachtacht agus comhgaracht canamhna; aitheasc glic, prap. An bhean gan chlann adubhairt, “mara gcuirfid ag gáiridhe sinn ní chuirfid ag gol sinn”, do bhí deisbhéalaighe ag baint léi: cainnt d’oir don dáil: glic. Cuir uaim do dheisbhéalaighe ach díol amach me: in ionad bheith go bog-mhilis-bhriathrach liom d’iarraidh do dhualgais do sheachaint etc. Deisbhéalaighe is fearr atá agat a’s ní hobair: is mó do chuid plamáis ’ná do ghníomh.

deisceabal: *f.1.* duine a gheibheas oideachas ó dhuine eile; dalta; scoláire; leanamhnach. Deisceabail Dé: an dream a chraobhscaoil creideamh Dé. Ná bí ag cainnt ar thóirtéis ag fear air féin nách é deisceabal an pharóiste é: an té gur dóigh leis na próisteánachaibh gurb é béal na fírinne ar gach rud é. “Air seo aithneóchaid na huile dhaoine gur deisceabail domh-sa sibh má bhíonn grádh agaibh féin dá chéile” (Naomh Eón XIII. 35). Tá Séamas ’sa dheisceabal ag teacht: leanamhnach do a bhíos ’n-a chosaibh a’s ’n-a thacaidheacht do shíor. Bhí an diabhal féin ’sa dheisceabail sa tigh: lucht achrainn a’s clampair.

deiscréid: *b.2.* aon rud do foilightear go haireach; rud ná bíonn nochtuighthe nó nách eol. Deiscréid seadh an saoghal eile: níl aon eólas againn air. Ní dhéanfad aon deiscréid de: inneósfad do chách é. Inneósad i ndeiscréid duit é: ná leig a fhios lé neach eile. Níl aon deiscréid ann: tá sé béalscaoilteach. “Foillsigheann aithriseach scéal nidhte foluightheacha acht an té go mbíonn an spirid fhírinneach aige ceileann sé an t-adhbhar” (Seanráidhte XI. 13).

deiscréideach: *a.* foluightheach. “A thabhairt do beidh sé chómh deiscréideach lé bosca na faoisdine”: beidh sé chómh coimeádtach ar an rún leis an sagart ar pheacaidhibh an aithrighigh. Daoine deiscréideacha ná bíonn puinn suas ná anuas aca lé n-a gcómharsannaibh: daoine dorcha, neamhchainnteacha.

deise: *b.4.* gleóidhteacht, niamhaireacht, néatacht; áise; ceartughadh; maitheas, feabhas; oireamhnacht, caothamhlacht; comhgar; uain. Má ghabhaim deise air i rith na seachtmhaine scríobhfad chughat: uain: eaga. Ní mar sin ach mar seo an deise chun na hoibre: cómhgar: an tslighe is fearr agus is luaithe. Táid ag obair ar dalladh d’iarraidh deise ionnsaidhthe d’fhagháil ar a chéile: caothamhlacht: buntáiste ag taobh aca ar an dtaobh eile. Mara mbeadh deise na gcloch tógbhála ní bheadh na fallaidhe chómh slachtmhar: oireamhnacht: clocha dob fhearr budh dheacair d’fhagháil. Tú bheith ag cainnt liom agus me ag scríobh ní dheineann aon deise dhom ach ciotaighe: ní feabhas ná cur chun cinn dom é ach cursiar agus crostacht. Caithfir deise éigin do chur ar an scríobhnóireacht nó ní féidir a léigheamh: ceartughadh, slachtmhaireacht. Dhéanfá deise dhom dá n-éistighteá agus gan mé do chur amugha léd chuid gleóidh: áise: bail. A dheise agus ghearrann an neamhann an ghloine: a néatacht: go glan faobhar-shleamhain: gleóidhteacht: i slighe a thaithnigheas leis an súil. Deise an domhain atá déanta aca i gcóir na bainise: ullmhúchán mór. Ná cuir a thuilleadh deise ort féin, taoi ródheas: taithneamhach gan bheith iongtach: triopalach.

deiseacht: *b.3.* feabhas lé féachaint air; maiseacht, snastacht, gleóidhteacht. Thug sé gach buille ar dheiseacht dho, gan oiread agus barra méire do leigeant do bhualadh air féin: lé taithneamhacht: ar chuma shásamhach gan locht. Mheallfadh deiseacht na n-áraistidhe sin aonne: an deallramh atá ortha go gcuireann an tsúil tuath ann. A dheiseacht agus chuireann sé chun gach rud do dhéanamh: slighe a thaithneóchadh leat. Ní har do dheiseacht: ní fhéadfá a mhaoidheamh go bhfuil aon rud ag baint leat go gcuirfeadh súil an duine tuath ann. Deiseacht ar an bhfál na bláthanna: feabhas lé n-amharc.

deiseal: *f.1.* d’iompódh ar an dtaobh deas; casadh ar dheis. Cas ar deiseal an tráthar (taráthar) chun puill do dhéanamh: lé himtheacht na gréine. Fuair sé ar deiseal é: fuair sé búrdáil throm. Siúd é an fear duit ar deiseal a’s ar dtuathal: ar gach cuma (go maidean) tá sé rómhaith dhuit. Iompuigh ar deiseal ag an gcrosaire: ar thaobh na láimhe deise. Fuair sé deiseal agus tuathal é: tuargaint ar gach cuma, cóir a’s éagcórach. Piast dheisil is piast thuathail: sorcóir go mbíonn an eag ar deiseal ann dréir chúrsa na gréine agus ceann go mbíonn ar chlé ann. Lúbaire nár imthigh riamh ar deiseal ach ag déanamh díoghbhála gach aonne: ar cóir, ar ceart, fírinneach.

deisighim: *b.a.* maisighim, feabhasuighim, leasuighim, ceartuighim, smachtuighim lé bualadh. Budh mhór an náire do bheirt aca an seanduine do bhualadh, dheisigheadar ar a dtoil é: thugadar bualadh chun a sástacha dho. Deisigh chun an bhúird mar dhéanfadh aonne go mbeadh béasa aige: ceartuigh thu féin: suidh mar is ceart. Deisigh isteach leis an dteine, níl aon teas mar sin agat: druid isteach. Deisigh ar an ndoras: tair sa treó cheart air. Deisigheann san an scéal, éirighimís as: socruigheann san gan tuilleadh duaidh an nidh atá i dtreis.

deisighthe: *a.r.* socruighthe, feabhasuighthe, leasuighthe, curtha in órd cheart. Is eagal liom gur deisighthe bheidh na daoine tréis na droichbhliadhna so cheal bídh a's beatha: críochnuighthe: creachta. Táim deisighthe agat anois (go fonmhóideach): tá mo ghnóth déanta agat: ar míthreóir 'ged ghníomh.

deisireacht: *b.3.* niamhaireacht, slacht, snastacht, sár-aicillidheacht. Ní deisireacht a dhéanfaidh an obair seo in ao'chor: ag caitheamh iomad aimsire lé slacht gan ghábhatar: róchúramach i dtaobh mion-rud gan tábhacht. Deisireacht chainnte atá agat a's ní áiteamh ná argóint: is mó táir ag brath ar bhréithribh gleoidhte 'ná ar bhunadhas áitimh. "Ó, an deisireacht!" deirtear lé haon rud go mbíonn breis agus a cheart de shlacht air, go mórmhór go mbíonn taidhbhse ag baint leis.

deisiughadh: *f.* (*-ighthe*) d'fheabhasughadh, do leasughadh, do chur i gcóir 'sin órd; cáinseóireacht. Thug sí cladhaire, bitheamhnach, crochaire agus gach aon ainm ar dhruim na talmhan orm féin a's ar bhain liom, is me fuair an deisiughadh teangan uaithe: íde bhéil: cóiriughadh catha. Féach an deisiughadh do thug an tailliúir ar mo thriubhas, ní dhéanfadh siúinéir é: an socrughadh ar an áit a bhí briste nó stolta.

deisiughchán: *f.1.* gníomh an deisighthe, feabhasughadh. Ní hag déanamh bhróg do bhíonn sé ach ag deisiughchán: ghá bhfuaghadh 'sag cur taoibhínidhe a's paistidhe ortha. Tá deisiughchán ó cheann an tighe, tá an braon anuas ann: oireann do na puill nó na scoilteacha atá ann d'iadhamh.

deismireacht: *b.3.* gliocas (cainnte), cáiréis, deargbhearradh, giobadh, camadghail chainnte. Cuir uait do chuid deismireachta ach freagair an chainnt as an gceanntsláine: seachain scéal tharais ach beir freagra gan chlaon: snas cainnte d'fhéadfadh duine do chur amugha. Beir ag deismireacht a's ag deismireacht ar an ineall san go ndéanfair a dhíoghbháil: ag cur breis chríochnuighthe gan ghábhadhtar air. Nách ar a hata atá an deismireacht, a bhfuil de ribínidhibh a's de phéacaibh air: críochnughadh nósmhar. Deismireacht an domhain uile ar gach gnóth go maidean, bhainfeadh sé an ceann díot muna mbeadh gach aon nidh chun a shástachta: claon chun lochta d'fhagháil. Focal dearbhtha ní bhfaghainn as, é ag deismireacht ar gach ceist do chuireas air: ag seachaint gach ponnca go glic. Imreóchaidh an diabhal úd deismireacht éigin ortha go bhfaghaidh sé cad tá uaidh nó tá an mío-ádh lé cruadhacht ar an gcroidhe aca: gliocas: draoidheacht. Thairng sé chuige an seanhata, bhuail sé trí pingne isteach ann agus dhein sé deismireacht éigin os a chionn gur thairng amach ó thóin an bhúird an t-airgead: cainnt fhoilcheasach agus corrghail rúnda.

déistean: (**déistin**) [**déisteann, déistinn**] *b.2.* masmas, gráin, míoghnaoi, glonn, bréine, fuathmhaireacht. Chuirfeadh an duine céadna déistean ort bheith ag amharc air ag alpadh bhídh ar nós cránach mhuice: iompódh aigne: gráin: míoshásamh: breóidhteacht. D'itheas an oiread san muicfheóla ó ló go ló gan aon atharrughadh gur chuir sí déistean orm sa deireadh ná féadfainn fiú amháin féachaint ó shoin uirthe: casann m'aigne 'n-a coinne gan acht féachaint uirthe. Déistean do Dhia seadh an peaca: míothaithneamh. Tháinig déistean ar an oifigeach é do lámhach, ach b'é a dhualgas é: duig coguais: laige spiride lé

neamhfhonn. “An ólfá braon brannda?” – “níor dhéistean liom san”: ní bheadh aon chur ’n-a choinnibh agam. Tá déistean orm ag na potógaibh lobhtha san: fonn úirleacan.

déisteanach: [**déistineach, déistinneach**] *a.* gráineamhail, bréan, breóidhteamhail, smáilceach. An biadh déisteanach a gheibhinn sa charcar ní fhéadfainn féachaint air gan bac lé é d’itheadh: biadh neamhthaithneamhach; a chuirfeadh casadh aigne ar dhuine féachaint air. Peacaidhe déistineacha dhá dhéanamh sa chathair gur loisc Dia ó neamh í lé gráin uirthe: peacaidhe a chuirfeadh gráin ar aigne an duine. Is déisteanach liom thu leis an leisce atá ceangailte istigh id chradhthachaibh: is fuath liom é. Biadh déisteanach ná tabharfá do mhadra: biadh gránda doithte. Ní éistfinn a thuilleadh lé cainnt dhéistinigh mar í, scéalta salacha, eascuinighe agus buirbe: cainnt dhraostamhail ná cuirfeadh sásamh ná aoibhneas ar aonne. Déisteanach an bheatha beatha an phóitire gan faic ach ocras a’s brón, annródh a’s gábhadhtar.

déithearnach: *b.2.* an fhead dheireannach, tarang deiridh na hanáile. Níl ionam ach an déithearnach ó shiubhal i gcoinnibh na faille aoirde leis an ndrochchroidhe atá gam: táim i ndeireadh na feide. Níl aon teacht as aige, níl ann ach an déithearnach, braith a chuisle, nil corraighe innte, tá sé sa croithidhibh deireannacha: níl ann ach an dé: níl ann ach an t-anam: tá a gnóth déanta: ar thuilleamh báis. Ní raibh im choin ach an déithearnach tréis a cúrsa fada i ndiaidh an ghirrfhiaidh gan corraighe coise innte, a teanga ar silleadh léi: ní raibh ach a rádh go raibh an t-anam innte.

deithneas: *f.1.* siubhal mór; broid; lúth; brostughadh; tapamhlacht. Beir fada anois air, tá eaga go leór agat, ná bíodh deabhadh ná deithneas ort: imnidhe (imshníomh) mór aigne agus luadair. Ní mór deithneas chun na hoibre seo: is éigean luathughadh. Obair lé deithneas dob eadh í (obair dheithnis): obair nár coigleadh cabhair ná dúthracht uirthe. Ní críochnughadh deithneas: an rud go ndéintear an iomad deabhaidh léi ní bhíonn sé slachtmhar ná seasamhach. Dubhart lé deithneas gur lucht éithigh an chine daonna (Sailm CXVI. 11). Ná bíodh aon deithneas ort ag cainnt, ar eagla go sceinnfeadh aonnidh uait de rith focail: deabhadh rómhear. Fear deithnis é seo: fear ná bíonn fonn cainnte ná cuideachtan air lé haonne. Deithneas annsan!: luathuightear!

deithneasach: *a.* mear, tapaidh, luath, fuadrach, fústrach, brostuightheach. Traen lán-deithneasach seadh í seo ní dheineann ach aon stad amháin ó Mhalla go B’l’Áth Claith: traen luath, tapaidh go mórshiubhal. Maor deithneasach ná sásóchadh do dhícheall é: fústrach: maor gur deacair leis maolughadh ar luathacht oibre. Ó rugadh mé ní rabhas níos deithneasaighe ’ná táim indiu, tá céad gnóth ghom dhalladh: níos broideamhla. B’fhearr liom ná beadh do lámh chómh deithneasach, cad chuige an fear san do bhualadh gan chúis, gan adhbhar?: mear, neamhghéilleamhail: gan ruthag.

deithneasuighim: *b.a.* 7 *n-a.* do-ghním deabhadh, géaruighim, luathuighim. Deithneasuigh na bróga san, níl luid ar mo chosaibh: luathuigh leo. An fonn a dheithneasuigheas thu seachain a thoradh: a bhrostuigheas thu.

deó: (**deódh**) *b.* “An ndéanfair airís an rud gránda san?” – “go deó, deó”: tá deireadh agam. Go deó, deó faid mhairfead ní fhillfead: níl dul ar bith go bhfillfead. “Dubhairt sé

liom go diongmhálta ná clisfeadh sé orm" - "mo thruagh go deó thu, is beag é t'aithne ar an lúbaire sin": táir anshaonta agus géilleadh dho. "Cathain bheidh an tigh seo tógtha?" – "go deo": choidhche ní chríochnófar é. Go deó na ndeór níor bh'fhéidir múchán do dhéanamh fén gcnoc san: choidhche: in ao'chor. "Faire, mo náire go deó": carbhall a deirtear lé hiongtas nó lé neamhshástacht. Dá fheabhas an righneas agus an tathag a bhí sa téid, leis an síortharang agus an strus do shnoigh sí fé dheóidh: sa deireadh thiar thall.

deoch: *b.2.* (*dighe*) (*iol.* deoch(-nna)) lionn lé n-ól, "gan dlúthas, gan geas", susmaid ná dlúthuigheann lé chéile, ach gach macha nó mionchuid de ag gluaiseacht gan cómhacht aca ar a chéile; ólachán; ól. Thuit deoch air ná raibh aithne a bheart aige: d'ól sé an iomad go raibh mearbhall air. Féach an bolgaimín do thug sé dhom, ní dhéanfadh sé deoch do bhunóic: oiread leanna is shásóchadh é. Tigh go bhfuil biadh a's deoch ann: tigh deaghlóin. "Ní ólann na mná puinn ach imthigheann an deoch mar a mbíd" (seanrádh): bainid taointe as. Ólaidh deoch orm: bíodh leann, beathuisce, leann dubh nó a lithéid im chuideachtain agaibh. An deoch díoghbháil na gcéadta: ólachán mearbhaill. Cuireadh de mheargó air pósadh mar fuair sé deoch: áirighthe leanna de luibheanna tarngthe. Deoch an dorais: an deoch dheireannach san ionad san. Bain sruth-dheoch as an mbuidéal san ach ná bí dian air: slogóg. Léan air, fear maith seadh é, ach go dtuiteann braon dighe air: go mbíonn oiread a's nár cheart do de dhigh mearbhaill go rómhinic air. Ar t'anam ná téidheadh an deoch fút: ná hól an oiread agus go mbeadh rian meisce ort. Thug sé an tráthnóna ag tuiteam 'sag éirghe, mar bhí sé ar digh: ar meisce. Chun dighe d'ól: ar tí leann áirighthe éigin do thógaint. Thug sé seachtmhain fhada, dhíreach gan néal chodlata gur thug an banaltra deoch suain do a chuir támhaidhe air. Bain deoch as na luibheannaibh sin: cuirtear ag beirbhiughadh in uisce te iad. Thug sé na tráthanna gan greim gan deoch: gan faic lé n-itheadh ná lé n-ól. An iongadh é do bheith as a chaoir? tá sé ag ól deoch ar dheoch: gan aon eaga eatartha. Táid chómh sprionnlaithe ná tabharfaidís an deoch féin duit: uisce, nó a lithéid ná cosnóchadh puinn. Déin deoch de san anois agus spionfaidh sé an croidhe agat: ól in aonfheacht a bhfuil ann. Fan ó chómhgar na dighe: áiteanna nó cuideachtaidhe go mbíonn deoch n-a dtreó.

deochadh: *f.* (*-chtha*) d'ól ina bholgamaibh, do phógadh go dlúth. Tá sé chómh lag san gur ag deochadh na dighe bhíonn sé: braon beag ar gach slogóig (contrárdhacht an fhocail 'slogadh'). Lé cion dúmais ní ghom pógadh bhí sé ach ghom dheochadh: ag cur a bheola go dlúth lém bheólaibh. A dheochadh d'órduigh an dochtúir a's ní a shlogadh: a thógaint go mall agus i gcodaibh beaga. Fuaireamair an scraiste ag an gconntabhairt ag deochadh a phínt leanna duibh, ag tnúth go dtiocfadh duine éigin air a dhéanfadh déirc air: ghá ól go haireach, mall.

deochaim: *b.a.* ólaim 'n-a bholgamaibh beaga. "Deoch é sin faid bheith sé te" – "sin é chaithfead do dhéanamh, mar scólfadh so an sciúlach agam". Dheochas mo dheoch, ghá leigeant orm ná raibh aon tart orm.

deóil: (*a. gein de* deól) ceanamhail, peatamhail. Mo chroidhe deóil thu, ná bíodh aon eagla ort rómham, a leinbhín: mo chion óm chroidhe amach thu. A chroidhe deóil ní chreidfeá cad do dhein sé liom: éigheamh tábhachta ag treisiughadh na cainnte. Laogh (gamhain), uan, searach etc. deóil: a bhíos ag ól (fé n-a) a mháthar. Fiacla deóil: na fiacla

a bhíos ag greamughadh na máthar. “Nár léigheabhair riamh as béalaibh leanbh agus naoidheanán deóil do chríochnuigheabhair moladh?” (Matha XI. 16): leanbhaidhe ar ucht a máthar nó a mbanaltran.

deóin: *b.3.* toil, cómhthoil, deaghmhéin. Déanfad ded dheóin nó det aindeóin é: led thoil nó i gcoinnibh do thola: mar is maith leat é nó nách maith leat é. Dhein sé dá dheóintibh féin é, gan neach ag cur chuige ná uaidh: as mhaoil a bháige féin: gan neach do thabhairt éachtainte dho. Lé deóin Dé beidh gach nidh i gcóir sa deireadh: toil Dé. Nuair bhí cumas a’s airgead agat níor thugais aire dho, do dheónta féin do bhochtanacht: is tu féin budh bhun leis. An té a ghéilleas do dheóntaibh an áidhbhéirseóra beidh thiar air: na nidhthe is toileamhail leis an ndiabhal. “Bíodh béile bídh againn” – “tá mo dheóin leis”: molaim é.

deóir: *b.3.* (*iol.* deóra, deóracha) sileadh ón súil; braoinín d’aon tsaghas leanna. Ar mh’anam go bhfuil an lá bog, meirbh, tá deóracha alluis liom: braonacha: oiread agus thuiteann d’aon uain gan bheith ’n-a shruth chómhnaidhthigh. Bhainfeadh a thruaighmhéile an deóir ón gcloich ghlais: ghoilfeadh sí. Ní raibh deóir n-a shúil nár ghoil sé: go fuidheach. “An bhfuil aon rud sa tsoitheach?” – “níl oiread is deóir”: braon beag. Ar a amharc dom tháinig na deóra(cha) liom: braonach (braonaidheacha) guil. Tá an peaca riamh ann agus beidh go deó na ndeór: go deireadh glan an domhain. Ag sileadh deóir (na ndeór): ag gol go fuidheach. Scaoil deóir beathuisce chugham: braon. “Tabhair dom deoch ar cáirde” – “ní bhfaghair deóir”: aon bhraon in ao’chor. Ní shilfinn deóir leis: ní chuirfinn aon mhairg orm féin leis. Níl deóir (diúir) sa tobar: i ndísc.

deóirfhliuch: *a.* fliuch lé deóraibh. D’athchuinigh sí ar a dhá glúin air gan í do thréigean: go corruighthe, gruaidhfhliuch: uisce ag rith go flúirseach ó n-a súilibh.

deóiricín: *f.4.* buille ’e dhorn. Ní bhfuaireas ach deóiricín nár ghoirtigh me: buille de dhorn gan bheith trom ná gonta. Ní fheadar ach go raibh deóiricínidhe eatartha: dórnáil.

deól: *f.1.* do tharang bainne as chíoch nó as úth; do shughrac. Fear éithigh seadh thu, níor chuimhin leat é siúd, bhís ag deól do mháthar an tráth céadna: ar chíoch a mháthar. Baintear na huain de dheól: ná leigtear dóibh tuilleadh de bhainne a máthar d’ól. Is mór an dúil aige ann é, ní féidir é do bhaint de dheól: é do scaramhaint lé digh mhearbhaill. Is fadó baineadh de dheól é: tá aos maith aige.

deólaim: *b.a.* súghracaim, diúgaim, greamuighim de. Dheólfadh na diabhail chlipidhe (éisc) sin ionat dá bhfaghaidís an chao ort: sháidhfidís isteach go beó ionat. Is fada uait d’fhanann do cháirde ainme nuair bhrathaid deólta thu: deireadh a bhfuil caithte agat. Sucaidhthe fear gur gheairrid an mhoill ortha an soitheach bheith deólta aca: diúgtha. Lé n-a dhúil ann dheólfadh an cubhrán des na gloinnidhibh: ní fhágfadh sé rian san árus gan súghrach.

deónach: *a.* toilteanach, saor-aigeanta, toileamhail, taithneamhach. Deineadh é más deónach leis, beatha dhuine a thoil: más mian leis. Neach níor spriog ná níor shéid fúm, dheineas dem thoil dheónaigh é. Is deónaighe leis an máirnéalach an fharraige ’ná an talamh tirim: is taithneamhaighe. Bíonn deónach lé rud do dhéanamh nuair ná bíonn col

aige leis nó go mbíonn a inntin leis, gidh ná beadh an chao aige. Is deónach lém ghoile an biadh sóghail sin: taithneamhach.

deónughadh: *f.* (*-uighthe*) toil; leómhadh; géilleadh. B'é deónughadh Dé gur stad an scian ann ag an easna, mar mara mbeadh san raghadh sí go croidhe ann: toil: dob áil le Dia san. Is mór mar tá a cheann 'sa chosa dhá leigeant aige lé n-a mhnaoi, ag deónughadh gach nidh dhi: ag ceadughadh: a thoil lé n-a teadhannaibh.

deónuighim: (**leónuighim**) *b.a.* toilteanuighim, aontuighim, ceaduighim. Dheónuigh Dia colann daonna do ghlacadh chun sinn do shaoradh: chrom sé. Deónuigh dúinn do ghrásta do dhortadh 'n-ár measc: géill. Ní leónfadh (dheónóchadh) sí me do ghrádhughadh: ní umhalóchadh sí. Leónuigh, a Thighearna, me do shaoradh ó chonntabhairt na mara: toilteanuigh é. Deónuigheadh orm gan m'ionad fartha d'fhágaint ar chuma ná ar chleas: nascadh orm: cuireadh de gheasaibh orm.

deóraidhe: *f.4.* duine iasachta, fánaidhe, duine as a eólas nó ar a theicheadh, duine as a thír dúthchais. An áit dob uaignighe dar casadh riamh me, ar feadh taistil seachtmhaine níor bhuail duine ná deóraidhe liom: neach ar domhan. Ní h-eól dom neach annso, deóraidhe seadh me: duine iasachta. Gnóth ná obair ní h-áil leis, ach ag gluaiseacht 'n-a dheóraidhe: fánaidhe: ó bhall go ball go fuairspreóiseach. Mar gheall ar a ghníomharthaibh poilitidheachta dob éigean do teicheadh as a thír dhúthchais agus an chuid eile dá shaoghal do chaitheamh 'n-a dheóraidhe: 'n-a chómhnaidhe i dtír iasachta. Do bhí seisean n-a dheóraidhe ón gcreideamh, tamall théigheadh sé go teampall gallda: ar fán: lasmuigh dhe. "Is gearr go mbead ag dul abhaile anois", ars an seanduine dearóil, "a's ná bead im dheóraidhe eadraibh feasda": im iasachtaidhe ar an saoghal so.

deóraidheach: *f.1.* duine mío-ádhmharach, iarmharán. Is cruaidh an croidhe ná bogfadh an deóraidheach 'sa chlódh aindeis, ocrach tréis a anacra: duine truaillighthe. Seo chugainn an deóraidheach sa deireadh: an té a bhí ar iarraidh nó mall.

deóraidheacht: *b.3.* i ndáil bheith as an dtír dhúthchais; i ndáil fánaidheachta, méirleacht. Tá na bliadhanta caithte 'sis geairrid go mbeidh deireadh lé n-a dheóraidheacht: go bhfaghaidh bás. Ameasc na gcnoc ar deóraidheacht ag teicheadh ó thóir na saighdiúiridhe: ag gluaiseacht go fánach. Cuireadh as a gcuid talmhan a's fagháltais iad, ruagadh thar lear i ndeóraidheacht iad: cuireadh an teicheadh ortha, ionarbadh iad dá n-aindeóin.

deóranta: *a.* iasachta; neamhghnáth; coimhtheach, ait, neamhmhuinnteardha. D'aithnigheas ar an gcuma dheóranta a bhí ag teacht air lé déidheannaighe go raibh rud éigin corr ag baint leis an inchinn aige, ní labharfadh sé leat, ní bheannóchadh duit, ná ní leigfeadh air go bhfeiceadh sé thu: neamhmuinnteardha, neamhghnáthach. Ná bí deóranta ar an dtigh, anois go bhfuil a fhios agat cá gcómhnuighimíd: ná bíodh aon dochma ort ná támáilteacht bheith ag turasadóireacht orainn. Is beag é m'fhoghail ar an obair, mar tagann sí deóranta fós orm: crosta gan taithighe. Ainmhidhe deóranta do caitheadh isteach ar an dtráigh: nár bh'eól d'aonne san áit cad é saghas nó cineál é. Duine deóranta i gcuideachtain seadh é: gan puinn cainnte. Lanamha nuadhphósta bíd deóranta ar a chéile:

gan taithighe ar mheón ná slighthibh a chéile. Ná tairng chughat aon cheist dheóranta, luigh leis an nidh atá i dtagairt againn: scéal tharais: gan baint leis ar dhul 'on chathair ar dtúis dom a's me óg bhraitheas an-dheóranta ar fad: uaigneach: tuathalach ar ghnáthshaoghal na cathrach. An ceól budh dheóranta dá gculaidh cluas an duine a sheimeadh lucht na forghaise: dob aite: suaithinseach, coimhtheach, diamhair. Tigh ait atá againne gan amhras, níl rud, ainmhidhe ná duine deóranta a castar an bóthar ná gur againn do gheóbhfá é: iad so uile a bhíos ar fán nó ag imtheacht dóibh féin. Tá bróga deóranta sa Daingean anois: bróga a lithéididhe ná raibh ann cheana nó go bhfuil déanamh éagsamhail ortha. Síol deóranta prátaidhe, coirce etc. etc.: nár ghnáth.

deórantacht: *b.3.* tamáilteacht, seachantacht, daghaiceacht, iargcúltacht meóin, aiteas, éagsamhlacht, coimtheacht, do bheith iasachta. Toisc a fhaid do bhíos gan dul ar a dtuairisc ní raghainn chúcha rófhonnmhar lé deórantacht rómpa: inntin leasc, mhaol de dheascaibh ceal taithighe. Chuir deórantacht a mhná iongadh air, i rith an turasa shuidh sí gan focal aiste, ise gur ghnáth léi bheith do shíor cainnteach: an iargcúltacht coidrimh a bhain léi: an ceal fonn cuideachtan. Beidh deórantacht an tighe go ceann i bhfad ort: ní bheir istigh ar an tslighe is ceart duit déanamh ann. Ó dhein sé an méid sin as an slighe bhíodh deórantacht air teacht i bhfochair dhaoine: tamáilteacht, mímhisneach. De dheascaibh fonn coidrimh nó conbharsáide seadh deórantacht agus trí iomad machtnaimh ar dhuine aige féin, agus is minic go gcialluigheann sé aire nó amhras. Fan go mbeidh breis taithighe agam ar an arm beidh breis cheana agam air, tá deórantacht orm fós leis: taidhbhsigheann gach rud éagsamhail, ait dom.

dhera: *uaillbhreas* go deimhin, gan amhras, más mar sin é. "Dhera, tá leisce orm dul, dhera b'fhearr liom gan dul" – "ná bíodh dheara dheara ort ach téighir nó fan": ná bí siar nó aniar leis: ná bí i ngrogaidhibh.

Dia: (*Dé*) an Dúileamh, an Fear anáirde. Dia leat, is maith an iarracht í sin: mo ghoirm thu: buaidh leat! "A Dhia agus a Íosa, a Mhuire 'sa Bhrighde": guidhe coitcheann le linn preibe do bhaint as dhuine nó ar chlos droichscéil. Ó cheann ceann Chorca Dhuibhne budh mhór ag na daoinibh é, dhéanfaidís rud ar bith ar a shon, bhí sé n-a dhia beag aca: fear go róchion air agus urraim dá réir. Thabharfainn Dia air go bhfeaca ann é: dhearbhóchainn é: leabharóchainn leis: mhionnóchainn dar bhrigh an Bhíobla é. Dia mór na glóire id bhóthar agus é d'eiteach, mar sin é an rud gortach é féin: molaim thu: go n-éirighidh leat. A Dhia mhóir na n-uile chómhacht, cad tá tagtha orm go bhfuil mo mheabhair ag scaipeadh? A thuilleadh ní féidir linne do dhéanamh do, fágtar fé Dhia anois é: i leith Dé. Creid me leis ná heiteóchainn thu, dá mbeadh sé ó Dhia agam: in ao'chor: ar chuma ar bith. "Cabhair ó Dhia chughainn", deirtear so ar chlos scéala fóiritheana, nó lé linn fuascalta gan choinne nó ar theacht dhuine nó rud go mbíonn súil a's broid leis. Os chómhair Dé geallaim go mbead ar do thaoibh: tógaim Dia mar fhíné leis. "An maireann t'fhear?" – "is fada fara Dhia é": marbh. Scaoil thart é sin, agus ná cuir isteach air, duine lé Dia seadh é: duine saonta, neamhurchóideach nách cóir do bhuaidhreamh. "Duine breágh, bog, suairc é Séamas" – "dhera, duine lé Dia é": ná buaidhreann neach; macánta, ionraic. Dia idir sinn agus an t-olc, nách gráineamhail an bás a fuair an bhean san agus a thriúr leanbh – iad do dhóghadh (athchuinghe choitcheann). Dia féin ní bhainfeadh aon chomhthrom de: carbhall do caithtear lé rud nó

duine gur deacair a chongbháil fé smacht nó sásamh do bhaint as. Cuimhnigh go bhfuil Dia rómhat sara n-osclair do bhéal agus gur ar t'fhocal atá bás no beatha an phríosúnaigh: go gcaithfir admháltas do thabhairt do tráth éigin fós. Diúltuighim do agus dá bheartaibh, ní chuirfinn thar Dhia é: d'fhágfainn a bhreitheamhantas ag Dia. "Tá (a) fhios ag Dia": dearbhughadh ar an rud a bhíos dhá rádh. "Dia dhuit" – "an Dia céadna dhuit". Ní bheadh Dia ann mara n-osclóchadh an saoghal a shúile dho mar is iomdha rud bunoscionn déanta aige: tá san tuillte aige. Ó! a Dhia! nách bladhgarach an chainnt í seo ar siubhal aige: dar fiadh: ná cuirfeadh san iongadh ar aonne. A Dhia an tsuaimhnis, bíodh foidhne agat, (lé hathchuinghe). A Dhia láidir, beir fada air (le hathchuinghe). A Dhia na bhfeart, cad tá ag teacht leat? (le hiongadh). A Dhia na glóire! moladh go deo leis, táim dall amach! (lé hathchuinghe) (ní heól dom cad is ceart dom do dhéanamh). A Dhia na cruinne, nár thagair ár (in-ár) gcoinne (gcoinnibh)! A Dhia na bhflaitheas, tabhair eaga dhom, a dhuine (impidhe). Is ag Dia anáirde atá a fhios dá bhfaghainn chun mo láimhe é go dtabharfainn a dheamhsáil do: Dia ar neamh. A Dhia Pharathais! (in impidhe). Budh gheairrid (ghairid) Dia leis an doras do bheith aige nuair phléasc an seómra 'n-a bhladhm: b'é deónughadh Dé dho é agus b'ádhmharach leis é (budh gar+re+Dia: "budh gheairrid (ghairid) Dia leis", a deirtear 'gar re Dia' = aisce le Dia). Cuirtear i gcomórtas, dá mb'áil le Dia dhom dul: dá mb'é toil Dé go dtéighinn). A Dhia na gile a raibh d'airgead aige! (iongadh).

dia: cuid mhaith, flúirse. Nár leighidh Dia orm (dearbhughadh é seo) gur chaitheas a raibh agam: bí cinnte de. Pósadh "leaghadh Dia" agus "lom amhgair" indiu .i. seanrádh ag tagairt d'fhear fuar, díomhaoin gan chrích agus leighcidhe neamhghasta mná. Leaghadh Dia air mar scéal (eascuinghe): éirightear as: tubaist air: sa diabhal leis: dearmhadtar é. Is geairrid Dia leis na bochtaibh bláthach (ar mbeidh gan bainne dhóibh agus gan dul air): is loghadh nó ádh ó Dhia é. Is maith mar thárlaidh, leaghadh Dia agus lom amhgair: is oireamhnach mar bhuail beirt aindeiseóiridhe gan chríochnughadh ar a chéile. Leaghaidh Dia orm nár fhágas árus ann nár dhiúgas: an mío-adh go raibh orm munab í an fhírinne ghlan í.

diabhal: [**diall**] *f.1.* cathuightheóir agus namhaid spriodálta na cinidh daonna, ceann aingeal an uabhair; drochdhuine malluighthe; mío-adh; rud nó duine etc. deacair le claoidhe nó lé hiondrabháil. Focal den gcainnt sin, ní thuigim tá an diabhal (buidhe, croidhearg etc.) uirthe: an-dheacair. Tá an diabhal id phrompa (it earball) má leanair des na beartaibh atá fút: drochfhuadar: is ródheallramhtach gur olc a thiocfas as duit. Is é an diabhal atá n-a bhóthar an lá atá conbharsáid aige lé drochchuideachtain: ar bhealach a aimhleasa. Nách é an diabhal (féin) chun bídh é: nách iongantach a n-itheann sé. An diabhal air chun óil: uathbhásach. "Cheapas i gcomhnaidhe gur bh'fhear maith é" – "níl an diabhal lé feabhas (féile, maitheas, carthanacht, fírinne, etc.) air": níl sé lé moladh ar aon tréith aca so. An diabhal (buidhe) féin atá ar na Gearmánaigh san aeir a's fén uisce: árthaighe aoir agus fé thuinn iongantacha saotharuighthe aca. "An ndíolfá fiche púnt as chraolachán?" – "dhíolfainn ar nós an diabhail!": b'fhada mar phaiste orm é: ní chuimhneóchainn ar a lithéid. An diabhal thiar ort ná ceapfadh do shuaimhneas: an mío-ádh go raibh ort. Mar tá an diabhal thiar riamh air, cad dhein sé ach an cás do chaitheamh in ionad é do chur ag díol as an dtigh: an t-áidhbheirseóir ghá chur ar a aimhleas. Na daoine fiadhaine atá ann – tá cuma an diabhail ar an uile dhuine aca: cuma an uilc, nó

malluighthe. Scaoil an chuid eile uatha an téad a's báthadh iad, an diabhal do so (duine áirighthe) ná gur choimeád a ghreim a's saoradh é: ar chuma éigin le hádh. An diabhal dom ná go dtiocfaidh fearg orm má bítear ag giobadh orm: tiocfaidh ríog ionam: spriogfaidh rud éigin chuige me. Bíonn an diabhal 'san dá dhiabhal (dá diabhal déag) air (le malluightheacht) nuair bhíonn braon fén bhfiacail aige: bíonn sé clamparach, iomardamhail. An diabhal a bhfeaca in aon áit díot a's me ar do chuardach go dícheallach: chuaidh díom ar fad tú d'fheicsint. Ní déarfainn ná go bhfuil diabhal éigin ag gabháil den ainmhidhe sin, tá sé an-mhíoshuaimhneasach agus níl seóid dhá itheadh aige: mío-órdughadh éigin air. Beidh diabhal éigin ag gabháil dá thóin ort-sa go ndéanfair rud díoghbhálach: ag séideadh fút: ag cur fút. "Tá an diabhal 'od phriocadh", ar seisean, "agus bheith ag spochaireacht chainnte orm-sa, mar nách maith an earra me nuair cuirfí orm": ag spriogadh fút. An diabhal, a dhuine, cad dheineas annsan ach...: cad is dóigh leat do dheineas etc. An diabhal me nách fearr liom bheith ag baile 'ná dul libh: táim chómh sásta agus etc. An té a thugas é féin ar urchóid bíonn sé ar adhastar ag an ndiabhal: fé n-a chómhacht. "B'é crích a's deireadh na mbeart é gur cruthuigheadh 'n-a choinnibh gur mhúch sé an cúigear ban a bhí pósta aige i ndabhach folcaidh" – "b'é an diabhal críochnuighthe é": diabhal amach is amach: d'ioncholnuighthe. Imthigh (téighir) in ainm phóilínidhe an diabhail: níl tor(adh) madra agam-sa ort: déin do rogha rud ar olcas! Diabhal ó ifreann ní dhéanfadh an éadthrócaireacht a dhein sé – na hinghne do stathadh a's na súile do phriocadh amach as na brághaibh: duine malluighthe nár bh'fhéidir do shárughadh ar olcas a's urchóid. Thugas don diabhal é féin 'sar lean é: d'fhógras chuige é: chuireas a dhubhshlán fé a dhícheall do dhéanamh. Sa diabhal leis mar airgead, maran gann atá sé: ár mallacht air. Dul ó thigh an diabhail go tigh an deamhain duit: léimeadh den bhfriochtán 'on teine: dul ó olcas go donadas: malartughadh aimhleasa. "Caithfir teacht liom" – "an diabhal é, mhuis!" faid mo choise ní raghad: níl aon taidhreamh agam ar dhul agus ní cuirfear iachall orm. Cuir sa diabhal na barraidhe ní fhaghann teas as triomach: fógair iad: ná mol iad. Béarfaidh an diabhal leis thu, mhuis, nó tiocfad-sa suas leat ar ar dheinis d'olc orm: raghaidh sé dian go maith orm-sa nó etc. Fág sa diabhal é: tréig é: imthigh as: éirigh as choidhche. "An diabhal aca sa taobh thiar d'Éirinn!": "go hifreann nó go Connacht leó" (mar dubhairt Cromaill). An diabhal go n-árduighidh uaim go hÁrd na gCailleach thu! (oirbhire). Bhailigh sé an diabhal 'sa mháthair d'airgead le linn an tsaoghail mhaith: na leaga liatha: mórchuid. Mac an diabhail sé é agus dul id phóca: duine gan aon teóra le holcas. An diabhal adubhairt leis í do mharbhadh: drochspirid éigin a spriog fé. An diabhal orm-sa nár leig do féin a thuilleadh do rádh go mbeadh a fhios agam cad bhí ar a aigne: ní fiú me combáidh do bheith liom: bheith in aithreachas im thaobh. Bíonn an diabhal ar a theangain: searbh: bíonn sé ag tromaidheacht. Tá an diabhal (n-a chodladh) istigh 'n-a bholg, lúbaire conntabharthach: d'fheallfadh sé ar iompódh na baise: ní bhíonn uaidh ach an chao chun uilc do dhéanamh. "Tá an diabhal 'n-a chodladh ann", deirtear le haon rud gur deacair comhthrom do bhaint de nó go mbeadh amhras go ndéanfadh scrios nuair músclófí é. Diabhal bocht maith seadh é a bhrisfeadh an t-arán leat gan dochma: duine nách eól do cad is sprionnlaitheacht ann. Go mbeiridh an diabhal (agus an deamhan) uait é, an rud súigh, tabhair fuath dho: cuir a chúram díot: ná bíodh aon bhrón dá uireasbha ort: is fearrde thu uait é. Olc an domhain bhraonaigh do tháinig air nuair chonnaic sé an íde do tugadh ar a chuid saothair, bhí diabhal thall a's diabhal abhfus aige, diabhal thoir a's diabhal thiar: ní raibh cuimse lé n-a chuid oirbhire, eascuinighe, mionn mór agus mallacht. Ar thárlachtaint do rud éigin

clamparach nó doileighiste, "tá an diabhal déanta a's an baile mór dóighte". An diabhal aníos ó ifreann ní bhainfeadh comhthrom de chorreach malluighthe: dá dhéine agus dá fheabhas do cuirfí chun í d'iondramh nó do bhreith chun tíorachais b'ionann é. Diabhailín (disb.), diabhal beag: ainm cheana ar leanbh a bheadh clódhchóiseach nó ciapuightheach. Diabhailínidhe scoile ná fágfadh meacan i ngort agat: leanbhaidhe aimhleasta. Nách bhfuil an dáréag agaibh toghtha agam? agus diabhal seadh duine agaibh (Eóin VI. 70): duine urchóideach: brathadóir. Ar chualais ag cainnt í? ag caitheamh dhiabhal: ag eascuinghe.

diabhalta: [**diallta**] *a.* ait, dothuigse, iongtach; ar nós an diabhail; dósháruighthe; olc. Áthraighe aoir dhiabhalta atá ann anois seachas aimsir chogaidh an domhain, iomcharaid na tonnaidhe pléascán agus is fairsing, fada a n-achar seolta: iongtach, áidhbhéil. Chúig uaire d'éaluigh sé as bhraighdeanas a's faire dhlúth air, nár dhiabhalta an duine é: iongtach, neamhchoitcheann. Is diabhalta an rud d'aon fhear éigean do dhéanamh ar mhnaoi: adfhuathmhar: aingidhe: díblidhe. Budh dhiabhalta an imirt uaidh toighdeadh isteach i dtreasaibh na namhad agus iad do bhreabadh: ní raibh gliocas urchóid, coirptheach lasmuigh dhe. Bitheamhnach diabhalta: bitheamhnach uathbhásach gan teóra: droichbheart.

diabhalta: (an b. buailte) *a.* sármhaith; oirdhearc; iongtach maith. Duine diabhalta ar gach slighe go maidean seadh é: iongtach: somholta. Is diabhalta an fíon a thagas ón bhFrainnc féin: fíon mórthábhachtach lé n-ól. Budh dhiabhalta an lascadh do thug sé den gcaid (pheil), gur chuir sé báide (báire) isteach an fhaid sin: áidhbhéil: iongtach. Siubhal diabhalta d'aonne trí fichid míle in aon ló: siubhal iongtach. Doradha diabhalta le neart: anláidir: anstuipeamhail.

diablaidhe: *a.* diabhalta, áidhbhéil lé malluightheacht nó urchóid. Tuigtí dhúinne, garsúin, gur dhiablaidhe an cleas a bhíodh ag fear na h-incile ar an rás ná féadfadh neach againn an cipín do chur sa lúib: ar dháil cómhachta ón ndiabhal. Bhíodh cleasa diablaidhe éigin dhá imirt aige a chuireadh an ghruaig n-a seasamh ar ár gceann: coinínidhe, bratacha, uibhe, etc., dhá tharang aige as hata: draoidheacht no easarlaidheacht dhiamhair thar thuigsint an lucht féachta.

diablaidheacht: *b.3.* draoidheacht ón ndiabhal; doilbhtheacht; diamhaire. Chuaidh sé dinn go léir an tsnaidhm do scaoileadh ach de, bhí diablaidheacht éigin aige: cómhacht éigin foluighthe, neamhdhaonna. Choidhche ní bheidhfeá deimhnightheach de tá a bholg lán de dhiablaidheacht: gliocas cam, fealltamhail. Imreóchad diablaidheacht éigin air a mheallfaidh é: cleasaidheacht chliste.

diablóir: *f.3.* duine olc, duine a dhéanfadh rudaidhe neamhdhíoghbhálacha as an slighe agus fós go mbeadh cion agat air. Rith a dhiablóir!, nó béarfar ort: cuir díot! B'é an diablóir é agus imtheacht uaim tréis a rádh go bhfanfadh sé liom: an fealltóir. Diablóiridhe a chúblálfadh chúcha aon rud ar bóiléagar gan iad do sheachaint: droichtheangmhálaidhthe dá bhfaghadh an chao. Diablóir fir, capaill, leinbh, ainmhidhe, lae, etc. etc.: nách féidir dul ar a iontaoibh.

diach: *f.* (neamhdialtha) droichchrích. An diach me go mbead ann: dar fiadh. An diach go dtáinig sé gan choinne: dar m'fhocal. Tá fiche púnt uait air? an diach dom ná go dtabharfaidh duit é: gan amhras. An diach duine aca a mhair tréis an chatha: neach in ao'chor. "Fuaireas céad púnt ag dul amugha" – "an diach!": ní deirir é!

diachair: *b.3.* brón, dochar, cur siar; díoghbháil; ciapadh. "Tinneas fiacaile a's diachair innte": (rádh díblidhe): pian a fhágas deasca 'n-a dhiaidh. Fuair sé bás breágh gan tinneas gan diachair: gan duadh. Mo dhiachair! an mhuir mhór!: fairír! (deirtear so lé díombáidh nó ceal cómhachta ar a dochuimse). "Budh gheairrid an mhoill orm-sa gnóth glan do dhéanamh d'aon fhear agaibh" – "mo dhiachair!": fairír, tá gaoth mhór agat. "An ólfair fíon Spáinneach?" – "ní diachair liom san": go fonnmhar. Ní diachair do dhuine beagán d'ól leis, ach gan dul as an slighe: díoghbháil. Diachair ort: mío-ádh ort. Diachair ort ná ceapfadh do shuaimhneas: mo thubaist ort, budh chóir duit ciall do bheith agat. D'fhág cogadh mór an domhain diachair 'n-a dhiaidh, breis luach, díth daoine agus gach uile aindeise agus fágfaidh so: droichiarsmaidhe: dearca dona.

diachrach: *a.* brónach, díombáidheach, díoghbhálach, duaibhseamhail. Stath an phréamh fiacaile sin nó déanfaidh sí fiacal dhiachrach dhuit: tabharfaidh sí buadhairt duit. Dá mhéid ceasnaidhe os chionn an duine níl aon rud is diachraighe 'ná an cogadh: is mó go leanann brón a's aindeise é. Dá ndíoltá t'fhiacha 'n-a smut a's 'n-a smut ní thaidhbhseóchaidís chómh diachrach lé n-a ndíol in aonfheacht: chómh trom, costasamhail. Mochóirighe, trom-obair, fadthráthanna, is diachrach an bheatha í: dian, callóideach.

diadha: *a. (n-dh)* (**diadhuighthe**) naomhtha, beannuighthe, cráibhtheach. "An duine diadha is maith é a ghnóth chun Dé" (carbhall): tuilleann an duine cráibhtheach an Solas Síoraidhe. Tá sé diadha, ach ní fheadar an bhfuil sé naomhtha?: an bhfuil a chroidhe 'sa smaointe mar tá a chlódh?

diadhuightheacht: *b.3.* cráibhtheacht, do leanamhaint slighe Dé. An diadhuightheacht os chionn an uile nidh: bí cráibhtheach i láthair Dé, pé donacht atá i ndán duit.

diadhacht: *b.3.* an teagasc fíor i dtaobh Dé, agus an dualgas atá ag dul do ón nduine; nádúir Dé. Dochtúir lé diadhacht i Mágh Nuadhat seadh é: múineann sé an ealadha a thagras do bhith, nádúir agus bhuadhaibh Dé agus a bhaint leis an nduine.

diaidh: *b. (n-dh.)* [**diadh**] deireadh, earr, an ceann thiar; lorg; laistiar. I ndiaidh a chéile: ina chodaibh: ar aitreamhaibh áirighthe. "I ndiaidh a chéile déintear na caisleáin" (seanfhocal): caithtear aimsir, lón agus saothar do chaitheamh leó. I ndiaidh a chéile thabharfair an t-oideas so don nduine bhreóidhte: cuid anois agus cuid airís ar uairibh áirighthe. B'fhada i ndiaidh a chéile iad sar ar phósadar: éileamh aca ar a chéile. "Ar cheannuigh sé an tigh uait?" – "níor cheannuigh ach tá sé 'n-a dhiaidh": bíonn sé ag cur a thuairisce: tá fonn air chuige. Idir an Fhrainnc is an Ghearmáin níl aon chion amugha, táid i ndiaidh a chéile leis na ciantaibh: ag faire go neamhmhuinnteardha a chéile. Tá seisear aca i ndiaidh na bearta: ag éileamh a faghála. D'fhan sé lém dhiaidh aniar ar feadh an lae, ná féadfainn cor do chur díom gan a fhios aige: ar mo shálaibh. Bí-se ag

gluaiseacht, bead-sa id dhiaidh: leanfad-sa thu gan rómhoill. D'imthigh sé síos 'on pholl i ndiaidh a chos (a chinn, etc.): a chosa ar tosach. Fear i ndiaidh a thola é sin, rachmas a's maoin aige: go bhfuil gach aon rud aige mar is áil leis. Ceal ná easbhaidh ní raibh air, ach i ndiaidh an tsaoghail ní dhéanfadh aon ghnóth dho gan bheith ag slad: d'aindeóin: ní sháiseóchadh san é gan etc. Thógamair bád i dteannta a chéile, leath beartha, leath caillte, ach nílthear n-a diaidh ar aonne ach orm-sa: ag éileamh a luacha. Ní bhein 'n-a dhiaidh ar dhuine bocht ocrach a thógfadh bollóg aráin: ní bheadh milleán agam air. Dá luaithe cuirtear i ndiaidh an fhalla san is fearrde é mar tá sé ar tí tuiteam: deis do chur air. Ag cainnt do ní bhfaghfá focal 'n-a dhiaidh: aon rud gur bh'fhéidir locht d'fhagháil air nó casfí leis. Ní fheaca riamh leanbh ná beadh a dhá shúil i ndiaidh milseán aige: dúil go bhfaghadh. Cuireadh i ndiaidh a chúil é, mar bhí an iomad nirt 'n-a choinnibh: b'éigean do stríocadh nó géilleadh. Diaidh ar ndiaidh tháinig na saighdiúiridhe 'n-a gcliathannaibh orainn: cliath ar chúl cléithe go dlúth, grod. Diaidh ar ndiaidh bíonn clann aice: go tráthamhail. "I ndiaidh do tuigtear gach beart" (seanfhocal): ar mbeith don mbeart déanta. "Móin rómhat a's cré id dhiaidh" (seanrádh) .i. gur mar sin is cóir iad do leathadh. Raghad i ndiaidh oibre 'on chathair: ar lorg. Ina dhiaidh san agus uile dá n-éistigheadh sé a bhéal rithfeadh leis: tréis a raibh déanta mícheart aige. "Cainnteóir líomhtha cruthuightheach seadh é" – "ná h-iarr 'n-a dhiaidh é": ní loirgeófá fear is fearr. Ná h-iarr 'n-a dhiaidh chun earra mhaith do dhéanamh: ní bhfaghfá a bhualadh. Fuairtheas 'n-a dhiaidh go mbíodh sé ag scéitheachtaint: fuairtheas deimhniughadh air. "Gach coileán i ndiaidh na con" (seanfhocal): an mianach céadna ionta. D'fhág sé airgead chun aifrinntí do chur i ndiaidh a anama: chun leasa, etc. Bhailigh sé cnocáin airgid lé sprionnlaitheacht agus cruadhacht, a's cad tá 'n-a dhiaidh anois aige?: dá bharr. Bog ar na bréithribh, bír i ndiaidh na bhfocal mór i gcómhnaidhe: claon chun a n-áise. D'éirigheas as an dtobac ar fad, níor fhan aon chaitheamh ina dhiaidh (éileamh 'n-a dhiaidh) agam: fonn chun a chaithte. Ina ndiaidh aniar thusa!: fan ar deireadh. Mhasluigh sé me chómh minic a's tá méireanna orm, 'n-a dhiaidh san mhaitheas do: d'aindeóin sin. Cabhair do thabhairt do? ní bhein 'n-a dhiaidh (d.) do: 'n-a bun: 'n-a cúram. "Chuaidh sé céad púnt chun deireadh leis an margadh" – "tá an aindeise riamh 'n-a dhiaidh": ní fhágann sí é (tá an codladh, dearmhad, éitheach, ádh, bladhgar, grádh, etc. n-a dhiaidh). "Póg cos an ghirrfhiaidh anois", 'sé an lá i ndiaidh an aonaigh agat é bheith ar lorg guail nuair tá gach cnapán díolta: ródhéidheannach. Ní raibh aon tsliocht 'n-a ndiaidh: tréis a mbáis. Cad fuairtheas im dhiaidh riamh go bhfuilir ag cainnt mar sin?: cad is féidir do chur im leith agus do chruthughadh. Beir 'n-a dhiaidh air siúd: má gheibhir aon locht air tagair do. "Thug sé cainnt fhuaimeantamhail uaidh, nár thug" – "abair 'n-a dhiaidh é": cuireadh aonne gur féidir leis é feabhas ar a ráidhtibh. Aonnidh a bheadh i ndiaidh do bheith agam: an fuighleach. Cuirim Dia 'n-a dhiaidh ortha gurb iad do mhairbh mo dhreatháir: bídís uaim-se freagrach do Dhia ann. "Thug, má thug, is mó uair maoidhte aige orm é" – "an eadh? 'Tabharthas Uí Bhriain 'sa dhá shúil 'n-a dhiaidh!'": aithreachas a bhronnta air. "Ca bhfuil an madra?" – "i ndiaidh na mbó": i bhfeighil. An chú i ndiaidh na tóra: ag leanamhaint na creiche. Cad tá i ndiaidh na mbróg so?: cad é a luach? Lámhach sé é i dtaobh bheith i ndiaidh a mhná: ghá tabhairt dá aire: caoraidheacht do bheith aige uirthe. "An bhfuil aon náire air bheith ag tnúth mar sin?" – "níl náire roimis ná 'n-a dhiaidh air": náire ar bith: ar an rud atá déanta aige ná a dhéanfaidh sé. Ná bí roimis ná n-a dhiaidh: ná bí aon treó dho: seachain é. "An í sin an bhliadhain do tógadh túr an oileáin?" – "ní h-í, ná mórchath 'n-a diaidh": mórán bliadhan tréis sin. "Ní fhéadfainn dul a thuilleadh, níl sé

n-a dhiaidh ionam: bhaineas as a raibh ann. Iad ag ól i dtighthibh tábhairne 'sa ngnóth 'n-a ndiaidh: gan déanamh. Beidh airgead n-ár ndiaidh: tréis ár mbáis. Gheallais go n-íocfá indiu me, ná téighir i ndiaidh t'fhocail: dul i gcois a bhfuil ráidhte agat. Shiubhluigh sé mórán dúthaighe i ndiaidh na sláinte: ar a lorg.

diail: *a.* iongtach, sármhaith; neamhchoitcheann; deárscnach. Budh dhiail an obair d'fhear bheag gan cuma róláidir air an t-ualach trom san d'iondrabháil: iongantach. Ó! nách diail an fear é go mbriseadh sé an bréagán ar an leanbh: nách mór an laochas do é. Cú gur dhiail an choisidheacht a bhí aice dob eadh í, nár éaluigh an fiadhach riamh uaithe: siubhal neamhghnáth. "Connus thaithnigheann an rinnce sin leat?" – "go diail": thar barr: go seóidh. Ná bí ag léigheamh air ach is diail an gearradh siubhail atá fén luing sin: is deacair a shárughadh. Deirtear go bhfuil árthaighe aoir na h-Iodáile go diail sa chath: nách féidir cur síos ortha. "Go diail!": á! is maith san. "Connus tá an tsláinte agat an aimsir seo?" - "go diail ar fad": ar fheabhas. Is diail an mac an saoghail: is deacair a thuigsint. Tigh go diail fén mbiadh é sin: go fial chun a thabhartha. Go diail ar amhránaidheacht: go rómhaith. Cúis ghearáin níl agam im adhmanas, bítear go diail dhom: bíonn m'uachtaráin ceannsa, maith. Peann go diail chun scríobhnóireachta í sin: is fiú a moladh. Go diail do bheadh an fheóil sin dá bhfaghadh sí righin-bheirbhiughadh: go sármhaith.

diair: *a.* mear, grod, tapaidh. Scrios go diair!: bailibh (bailigh) leat, chómh tapaidh is tá lúth ionat. Is diair, cuimhnigh, d'inneósfainn-se dhuit cad é mo mheas ort: gan rómhoill ná róchúis. Is diair do chuir sé dhe nuair cuireadh an t-eagla air: go grod, gan siléig do dhéanamh. Fuaireas buille diair ná feadar cad thárla: buille trom gan choinne.

dí-áireamh: *f.1.* an oiread agus nách féidir do chómhaireamh nó do mheas, iliomad. "Is iomdha gráinne gainimhe ar an dtráigh bháin" - "dí-áireamh". Dá mbeadh púint aige chómh dí-áireamh lé réilthínidhibh na spéarach chaithfeadh sé iad: ró-iomadamhail. Maidir lé saidhbhreas, tá an dí-áireamh aige: níl cuimse ná teóra lé n-a mhaoin shaoghalta.

dí-áirimhthe: *a.r.* do-chomhairighthe, gan teóra. Bíonn caoire dí-áirimhthe aca amuigh san Astráil: tréada móra nách féidir a líon do mheas go bog. Tá Dia ann lé saoghal dí-áireamh: raghadh d'inchinn an duine é do mheas.

diairmín: *4.* Diarmuid beag (óg); truaghán; éan beag donn (diairmín na dtor); mionn. Dá gcloisteá an leanbh san ag caitheamh dhiairmínidhe, ainm Dé gan adhbhar 'n-a bhéal gan stad: mionna móra aige. Diairmín capaill seadh ná geóbhainn leis dá bhfaghainn in aisce é: capaillín suarach. Seachain uaim, a dhiairmín! nó pasálfad thu, níl oiread fóid mhóna ionat: suarachán.

diallaim: *b. n-a.* téighim lé. Diallann sé lé n-ar tháinig roimis, tá sé fial mar is dual do: tá an mianach céadna ann agus ionta. Is leat ná diallann mac do dhreathár, is fada buidhe ó chroidhe a chéile sibh: ní cosamhail an bheirt agaibh i nbhur meón.

diamhair: *a.* coimhtheach, rúnda, uaigneach, fiadhain, doiléir, doilbhthe, duithir. I gcalm nó i stoirm is diamhair í an mhuir: chuirfeadh a hamharc 'sa doiléire crithniughadh ort. Oidhche chómh diamhair sin lé doircheacht, báistigh as gaoith mhóir ná féadfá do shrón do chur thar ursain: olc, fiadhain, feannaideach. Tír dhiamhair seadh lár na hAfraice, coillte dorcha, aibhnte doimhne guaise, ainmhidhthe fiadhaine, nimhe, a's í lán d'aicíd: scannruightheach, eaglach, conntabharthach. An tsúil dhiamhair thug an tarbh malluighthe orm: marbhthach; súl go raibh marbhadh duine 'n-a dearc. Gleann diamhair ná héirigheann grian lae air ná ná fuil siubhal duine air: iargcúlta, dorcha, intseachanta. Focal dá n-abrair ní léir dom, cainnt dhiamhair atá agat: dothuigse, doiléir. "Níl ionat ach alfraits bitheamhanaigh" – "cainnt dhiamhair í sin do rádh lé neach": cainnt choimhtheach gan srian, neamhcheart péaca bun bheith léi nó gan bheith. Duine dhá shaoghalughadh a's duine dhá bhásughadh, duine slán a's duine easlán – is diamhair iad slighthe an Árdmhic: rúnda, dothuigse. Bean ró-dhiamhair d'fhear bheag thruaillighthe mar thusa í sin, bean chnámhach, acfuinneach, chumasach: thar do riocht lé n-a méid a's léd luighead. Siar idir tu agus Mearaice is diamhair an poll atá ann: an-dhoimhin. Níl faic in ao'chor diamhair ar Dhia, fiú amháin smaointe uaigneacha an chroidhe: foilighthe. Faill dhiamhair: árd, fiadhain, guaiseach. Áthraighe diamhaire aoir a thugas sciúird sidhe i gcoim oidhche, ag scaipeadh caor a's teine ar áitreabh daoine: a thagas gan súil gan choinne a's go mbítear fé shíorscannradh a dteachta. Bhuail aicíd dhiamhair muinntir an pharóiste ná raibh aithneamhachaint ag liagh ná dochtúir uirthe: draoidheachtamhail: ródhaingean lé dul amach uirthe.

diamhaire: *b.4.* rún, foilcheas, rud éigin gan eólas air, foluighthe; rud éigin dorcha a théidheas d'inchinn an duine do mhionughadh dhi féin; uaigneas nó iargcúltacht áite; rud thar an gcoitchinne. Chuirfeadh diamhaire a shúl in iúil duit gur bh'fhíné ar ghníomharthaibh fiadhaine, neamhmánla: an fhéachaint go raibh rud éigin neamhchoitcheann a chuirfeadh iongadh agus faitchíos ort. Cé hé ná déarfaidh gur diamhaire cainnt an duine do theacht na céadta mílte tríd an spéir: rud a théigheas de thuigsint an duine. B'ait liom cad do thug chugham i ndiamhaire na hoidhche é na mílte ó bhaile: siar go léir san oidhche: an-dhéidheannach. D'árduigh sé leis an rud nár bhain leis gan aon diamhaire: chídhfeadh an saoghal mór é: go follus: gan aon fhonn ceilte air. Chuaidh sé amugha i ndiamhaire na coille agus cailleadh é: 'n-a fhiadhantas neamhaithnid. Nuair fhéachfá uait anáirde ar an bhfaill mhéiscrigh aoird, ghéir a's tú i mbáidín ar fharraige shuaidhte, dhoimhin chuirfeadh sé diamhaire ort dá méid misneach do bheadh agat: míoshuaimhneas fé mar tuigfí duit go mbeadh conntabhairt neamh-aithnid romhat ar gach cor. Cuireann do chómhradh diamhaire orm: aon bhrigh ní bhainim as, agus fágann amhras im aigne. Ní bheidh fulang agat ar dhiamhaire na hoidhche gan cuideachta: uaigneas a thagas as aonaireacht.

diamhartha: (**diamhardha**) *a.r.* rúnda; foluighthe; dian; íogair. Thuit sneachtadh diamhartha an bhliadhain chéadna, gurbh éigin na hainmhidhthe do chothughadh istigh: trom, dianshíne. Thug sé fúm lé n-a dhorn diamhartha go maith: i ndáiríribh. Dá mb'áil leat gan labhairt chómh diamhartha tuigfí níos fearr thu: neamhoscailte, doiléir.

Dia-mhasladh: *f.1.* neamhchráibhtheacht, úrlabhradh neamhurramach do Dhia. Dia-mhasladh dhuit a rádh ná fuil brigh san aifreann: labhairt gan an urraim is cóir, tuillte.

Dubhairt sé gur bh'fhearr leis gach eaglais treascartha go talamh ná 'n-a seasamh, nách mór an dia-mhasladh é?: cainnt aithiseach do Dhia: scannail do Dhia.

Dia-mhaslach: *a.* neamhchráibhtheach, neamhchádhasach. Ná bí comh dia-mhaslach a's gur cuma leat aifreann Dé Domhnaigh ná lá saoire: gan crábhadh. Críostaidhe na fuaire a bheadh ag foidhneamh lé duine ag cainnt go dia-mhaslach in aghaidh creidimh a's teagaisc gan tor, gan meas: d'iarraidh míothaithneamh a's táir do thabhairt ortha. Go saorair sinn, ní bhíonn 'n-a bhéal oscailte ach an dia-mhaslach: drochthagairt do Dhia, do chreideamh, do chúrsaidhibh a's nidhthibh naomhtha beannuighthe.

Dia-mhasluightheóir: *f.3.* duine a labhras go táir ar Dhia nó ar aon rud coisricthe nó naomhtha; aonne a thógas ainm Dé gan adhbhar. Dia-mhasluightheóir diabhail aonne adubhairt nár bh'fhearr úrnaighe ná a gceal: duine aithiseach gan aon urraim do ghnás naomhtha.

diamhóideach: *a.* cráibhtheach, tugtha d'úrnaighe a's do ghnásaibh na heaglaise. Bean dhiamhóideach a ghnáthuigheas an sáipéal le n-a paidrín a's a théigeas go tráthamhail chun aifrinn a's faoisdine: mór-urraim maidir lé h-uamhan i láthair Dé, agus ceanamhail ar dhualgaisidhibh a creidimh.

diamhrughadh: *f.* (*-uighthe*) (**diamhairiughadh**) doirchiughadh, éideimhniughadh, doilbhriughadh, teimhealughadh. Tháinig diamhrughadh ar an gcasán nuair fhás craobh a's aiteann air gur dheacair a fhagháil: foiliughadh: feódhadh a luirg. Fúráileamh (órdughadh) ón Riaghaltas ar na páipéaraibh indiu cathracha, bailte a's tighthe do dhiamhrughadh, d'fhonn a's ná beadh léas solais d'oidhche a threóróchadh áthraighe aoir namhad. Éist-se! bhainfeadh duine brigh éigin as an gcainnteóir eile ach diamhrughadh ar an gcúrsa seadh an uile fhocal uait-se: doiléire: cruadhadh 'n-a thuigsint. Chaitheas éirghe suas den gcuardach, do bhí an oidhche ag diamhrughadh go haonnidh orm: ag baint amhairc díom: ag múchadh an uile rud as mo radharc. Beir ag diamhrughadh an uisce orm má chorruighir an salachar atá ar thóin puill: dhá shailiughadh. Dem aindeóin bhíodh sé ag diamhrughadh a locht orm lé n-a ghliocas, dá fheabhas d'fhaireas é: ag ceilt go buacach. Leis an aois a's leis an ndaille tá an saoghal mór ag diamhrughadh air: ag dul in olcas, in aindeise agus i neamhshoiléire.

diamhairighim: *b.a.* doirchighim, doiléirighim. Scaip scamall mór fén spéir a dhiamhairigh uachtar na talmhan: a dhoirchigh agus a fhoiligh é agus d'fhág an uile rud doiléir, múchta. Nár dhiamhairighidh Dia an saoghal orainn: nár né Sé i slighe a dhallfadh amach sinn. Dá dhoimhneacht do raghfá síos seadh dhiamhaireóchadh an t-uisce: raghadh i ndoiléire.

dian: *a.* (*déine*) tapaidh, mear; dásachtach; géirleanamhanach; trom; deargfhonnmhar; dúlmhar; éigneach, fíochmhar; guilmeach; cruaidh, tíoránta, marbhthach. Fear fiach dian san éileamh dob eadh é ná tabharfadh puinn cáirde uaidh, ná géilleadh: cruaidh gan staon. Táir ró-dhian ort féin agus is folláin duit mara dtiocfaidh leat fós: déinir an iomad saothair agus leanair rófhada air. Raghaidh sé dian orm nó bead in Áth Cliath pé uair go mbead ag teastáil ann: aon rud a choimeádfadh as me tabharfad iarracht díchill ar é do

chur bunoscionn nó buadhachtaint air. Chuaidh an scéal dian mo dhóthain orm an t-íoc do scríobáil lé chéile, b'éigean dom troscán do dhíol: cuireadh i gcruadhtan me: cuireadh go dtím aon bheart me. Ceann tighe dian dílis istigh 'samuigh seadh é agus tá a rian air, níl easbhaidh ná uireasa air: dúthrachtach, soláthrach. Is dian mara n-éireóchaidh leis a's a fheabhas atá sé ar gach nidh: is mór an iongnadh é. Tagann an ghaoth dian ann mar tá sé ró-scéirdeamhail: ar dháil láidir, chómhnaidhtheach. Fuacht, gaoth, teas dian. Maoluigh an siubhal, táir ró-dhian do: ar an siubhal atá fút ní fhéadfainn an chos do chongbháil agat. Ceist ró-dhian dom lé réidhteach seadh trúin, tráth nó fód mo bháis: deacair. Ní gábhadh dho dhuine bheith ró-dhian fé airgead, ní bheireann aonne 'on uaigh leis é: sanntach. Tá sé dian chun Gaedhealainge: fonnmhar chun a foghlumtha a's a cur chun cinn. Dian chun éisc, feadhaigh, marbhtha, cogaidh, feirmeóireachta etc.: dúlmhar, fonnmhar. Nuair smísteáladh an máighistir, néadh go dian é: tar meón. Mo chómhairle dhuit bheith dian léd mhargadh, agus gan tu do mhealladh: docht: doighéillte: breis do lorg agus do throid. Cnoc dian: géar lé dul 'n-a bharr nó uachtar neamhshocair do bheith air. Is minic do cómhairligheadh do gan breith dian ar a ghnóth: gan bheith ró-thapaidh ná an oiread do dhéanamh. Rug sé greim dian ar scórnaigh orm nách mór nár thacht me: daingean, cruaidh, docht. "Is déine mise 'ná thu", ars an ghrian leis an ngaoith agus chruthuigh sí sin nuair b'éigean don dtaisdealaidhe an cóta mór a bhí air ó fhuacht na gaoithe do raideadh dhe: sobhraithte, duabhaiseamhla. B'é S. budh dhéine a chuaidh orm ag caitheamh ualach, ar dhórnáil, ar rith: budh ghiorra dhom. Budh dhéine súil thinn 'ná lámh thinn: budh ghéire tinneas. Is dian í an fharraige leis: deacair maireachtaint do bhaint aiste. Chuadhais ró-dhian ar an adhmad leis an dtuireasc, laitis é: thar ceart. Is dian an saoghal ar dhaoinibh bochta é: deacair lé maireachtaint. Madra dian dob eadh é a's b'éigean dom a chúram do chur díom: ró-bhorb lé h-ainmhidhthibh. D'fháisc sí an crios dian tímcheall a cuim: dlúth, teann, isteach go maith. Gárdaidhe diana a bhíos ag fairghis moch, déidheannach: iomad fonn ortha a ndualgas do chóimhlíonadh.

dianas: *f.1.* deabhadh mór; géire, díograise, foirneart, cruadhtan, gábhadh. Dá mhéid dianais a dhein an díorma saighdiúiridhe bhí an bheárna bainte amach againn ortha lé lúth ceart: deithineas. Cuireann dianas an aoird ar mo dhrochchroidhe: géire is deacracht dul 'n-a choinnibh. Tréis pósta dá leanán níor ghlac sé céile riamh lé dianas a ghrádha dhi: díoghraise: méid is teas a ghrádha. Lé dianas an mhúinteóra ní fhanadh aon scoláire aige: dul thar cailc lé smacht a's ceartéiseacht. Ní mhairfeadh aonne ar an oileán sa gheimhreadh lé dianas na haimsire: buirbe: anacair: géire: ar dháil cruadhtain agus amhgar do chur ar dhuine. Moilleófar dianas catha tamaillín i leith ionchais síothchána do dhéanamh: ní beidhfear dúlmhar bheith níos tréine ag troid. An dianas do tugadh do i mbraighdeanas, droichbhiadh, cruadh-obair, dúnaidheacht atá ag teacht leis: foirneart na nidhthe seo.

dianasach: *a.* deacair; íogair; díoghraiseach; dúr, daingean (lé); diachrach. Bíodh an trócaire ag roinnt leat, ná bí dianasach ar an mbráighe: cruaidh, calcuighthe id bhreitheamhnas. Ceisteanna dianasacha ná féadfainn d'fhreagairt: deacra. Ní fuláir liom ná go bhfuil árdchion aige uirthe, tá sé dianasach n-a dhiaidh: lán d'fhonn. Chaith sé bliadhanta dianasacha ag foghluim thar lear ar bheagán airgid agus fé chruadhobair: deacair air, agus fonn mór saothair.

dian-athchuinghe: *b.4.* paidear nó impidhe ó chroidhe amach; athchairt gan chlaon. Mo dhian-athchuinghe chun Dé do shíor agus de ghnáth Dia ghod chur ar do leas: iarratas m'anama i ndáiríribh ghlan. Leig fút do ghlúin i ndian-athchuinghe ar Dhia tu do sheóladh ar do leas: athchairt. "Dheineas dian-athchuinghe ar Hitlear", arsa Séambairléin, "gan fóiréigean do dhéanamh ar an bPólainn nó gur mhara chéile é nó fógairt cogaidh ar Shasana": d'iarras óm chroidhe go dúthrachtach. Ag dian-athchuinghe ar a dhá glúin ghá iarraidh ar Dhia a mac do thabhairt saor ón gcogadh: go díoghraiseach: lé n-a croidhe go hiomlán.

dian-athchuinghim: *b.a. 7 n-a.* impidhim, sírim, aithchim. B'fhéidir go bhfaghthá an rud atá uait dá ndian-athchuinghteá é, é do lorg in ainm Dé air: é do lorg go dúthrachtach, truaighmhéileach. Mara bhfaghainn go toilteanach rud ní dhian-athchuingeóchainn é ar neach: é d'iarraidh ar son Dé nó an iomad cromtha do dhéanamh.

dian-chur: *f.1.* cur trom. Tír seadh Éire ná bíonn dian-chur cruithneachtan innte, tímcheall tríomhadh cuid a ganntha: mórchuid di ag fás. Seirgthe, caithte, lom, ó bheith ag dian-chur alluis i dtíorthaibh teó: ag síorchur cuid mhaith de. Fuair sé bás lé dian-chur fola: an iomad di do thabhairt. Laguigheann an talamh ó bheith ghá dian-chur: ghá chur rómhinic. Gan dian-chur do dhéanamh air gheóbhfá breis oibre as – comhthrom do thabhairt do: gan dul rófhada air ná ró-chruaidh. Dar leó ní sheasóchaidh dúnfhalla na Gearmáine dian-chur piléar Shasana a's na Frainnce: an caitheamh trom, fíochmhar, cómhnaidhtheach.

dian-éag: *f.3.* bás nó cailleamhaint duaibhseamhail nó leadaránach. An bád fé thuinn a chuaidh fé loch a's nár éirigh airís nách iad a fuireann do fuair an dian-éag: mall, scannruightheach, diachrach. Níor chrithnigh sé ó thúis deireadh a thrialach nó go bhfeachtas do dian-éag nuair tugadh breith bháis air: bás éigne gan aon dul as. I láthair a ndian-éaga, deimhnightheach ná héalóchaidís, thug laochradh na Cásca aghaidh ar a namhaid: bás diachrach, íogair.

dianghoradh: *f.* (*-rtha*) téidheamh mór; barrdhóghadh neamhthrócaireach. Chun cruadha do dhéanamh d'iarann ní mór do dianghoradh i suirn: teas áidhbhéil. Sé a chúram, an liaghairne, a dhianghoradh féin cois teine: á théidheamh féin ar a thoil agus a shástacht. Fuair sé dianghoradh ón mbreóidhtigh, trí cathanna in aon bhliadhain: tuargaint throm. Chaith sé na tráthanna ag dianghoradh a phínt, ag tnúth go dtiocfadh duine éigin air a sheasóchadh do: go haireach gan a chríochnughadh.

dianghrádh: *f.3.* grádh ionmhain. Thug Sorcha Ní Churráin an oiread san dianghrádh do Roibeárd Eimit gur éag sé dá iongais: grádh ná sásóchadh aon rud ach a leanán féin. Lé dianghrádh do Dhia thug sé suas saidhbhreas saoghalta, luigh lé diadhathacht a's chuaidh isteach i mainistir: grádh mór.

dianmhaith: *a.* sármhaith. "An bhfuil aithne agat ar an bhfear san?" – "go dianmhaith": aithne thar na seacht n-aitheannta (is minic a chialluigheann sé gur bh'fhearr leis an gcainnteóir gan a bheith). Go dianmhaith ataoi agus obair d'fhagháil dom: do dhéanamh oiread ar mo shon a's ná fuil tuillte agam nó a chuireas duadh ort.

dianghorta: *b.4.* ceal mór beatha. Tabharfaidh an cogadh dianghorta ameasc na ndaoine go mbeid ag tuiteam ar nós na sacán: gorta croidhearg. Connus fhanfainn ag obair ann a's gan agam ach an dianghorta: gan leath mo dhóthain bídh.

dias: *b.2.* (léas) brobh, ruibe féir nó arbhair, craobh arbhair. Gort gan dias seadh é: lom: neamhfhéarmhar. Níor fhág an stoc dias (arbhair) gan pasáil: dheineadar laitiméireacht mhór. Iothla ghorta, gan dias innte: lom ó fhoráiste (farra). Cad imthigh air, tá sé chómh seang le dias: caol, tairngthe, lom.

dí-bhealaigh: *a.* de cheal bealaigh, slighe, aitheantas áite; amugha. "Cá bhfuil do thriall?" – "Ní fheadar, táim dí-bhealaigh, stiúruigh me": as m'eólas. Chomhairligheadar dúinn gan tabhairt fén gcnoc dí-bhealaigh nó gur doichíghe-de go raghaimís amugha: cnoc gan casán ná lorg ann. Níor chaptaen dí-bhealaigh an fear a chuir máirnéalaigh i dtalamh ó luing fé thuinn i ngóilín diamhair na céadta mílte ó n-a bhaile: captaen gan eolas.

díbirt: *b.3.* (*-eartha*) ar ruagairt as áit dúthchais; curtha lé héigean nó imthighthe lé heagla as áit ar bith; ar géirleanamhaint. Chuir a bhean an díbirt air: ruaig sí é. Budh dhianmhaith é a bheart ach cuireadh an díbirt air trí chúbláil: briseadh é de chionn bheith ag tógaint coda chách. Thug sé fiche bliadhain ar díbirt i Mearaice ag Riaghaltas Shasana: 'n-a dhuine ruagtha as a thír féin agus í coiscthe air. Is maith é rum chun díbeartha fuachta: an teicheadh do chur air. Do dhíbirt an diabhail ar a chroidhe dheineadh sé dian-athchuinghe Dé: chun an teichte do chur air: ruagairt. D'imthigh an díbirt ar a chuid leabhar tréis a bháis cheal aire: scaipeadh, fán. Truagh Mhuire é gan fáilte ná cion roimis ach díbirt ó bhall ball: géirleanamhaint. "Do dhíbirt do déanfar!": fógra ag cur eagla amach bheith aireach. Carraig deacair do dhíbirt seadh Carraig Aonair: deacair do chur as a hionad. Ní labhrann aonne leis, tá an díbirt air ameasc na ndaoine: duine go dtugann cách fuath dho de dhruim ruda éigin ná taithnigheann leó.

díbearthach: *f.1.* duine a bhíos ar díbirt tar lear nó go seachantar conbharsáid air. Ar nós an díbearthaigh i mballaibh diamhaire ar mo theicheadh ag fagháil mo chuid bídh lé fogha: an té a bheadh ruagtha ó choimhdeacht.

díblidhe: *a. n-dh.* díomhaitheach, suarach, truaghánta, lom, caithte. Meilit scine go raibh cuma dhíblidhe uirthe ná gearrfadh ím duit!: drochchuma. Scaoilidís uatha na boscaidhe luachmhara mar rudaidhe díblidhe: gan tairbhe. Cuireadh i bpríosún é mar gheall ar chainnt dhíblidhe do bheith aige: draosta, olc, drochlabhartha, truaillidhe. Teanga dhíblidhe: salachlabhartha. Ars an gaige ar amharc bochtán do, "ní bhodharfainn me féin lé daoinibh díblidhe!": an choitchiantacht bhocht, mhacánta: daoine úirísle. Saighdiúiridhe díblidhe nár thug aon tseasamh uatha, ach 'n-a ruathar lé linn ionnsuighthe: gan misneach, gan tairbhe. Tír dhíblidhe ó bhiadh fé shneachtadh a's lic oighir ó bhliadhain go chéile: lom: in easnamh.

díblidhe: *b.4.* ar dháil olcais, draostachta, suaraidheachta, aindeise, anatais. Tháinig an díblidhe ar a theangain lé deireannaighe: ní bhíonn aige ach cainnt mhíomhánla,

neamhghlan. Budh thaithneamhach an fear tamall é, ach d'imthigh an díblidhe air le tamall: tá sé imthighthe chun an donais. 'n-a mheón a's 'n-a úrlabhradh chuaidh sé chun díblidhe: anatas: thárlaidh dho gan bheith chómh deaghlabhartha ná chómh glan-mheónach agus bhíodh sé.

díbrighim: *b.a.* ruagaim; cuirim ar fán. Díbrigheann dian-úrnaighe an diabhal síos isteach go fíoríochtar ifrinn amach as chroidhe an pheacaigh: ruagann: cuireann tóir air. An diabhal féin ní dhíbreóchadh ó hallaíbh rinnce ógánaigh na haimsire seo lé n-a gcion air: a chuirfeadh ortha fanamhaint asta. Díbrightí a chuid stuic dá chuid talmhan san oidhche gur dhíbir sé féin é féin sa deireadh: tiomáintí lé fán agus d'fhág sé as féin ó bhí cómhnaidhe san áit ag dul ródhian air. Díbreóchaidh an cheiridhe seo an t-othar as an gcneadh: tiomáinfidh amach. Dhíbir Dia aingil an uabhair ós na flaitheasaibh: chaith amach. Díbrighim feasda thu as mo smaointibh, lá ded chuimhne ní bheidh agam: cuirfead amach dem dheóin mheanmnach. Is mithid duit teacht, cad dhíbir uainn thu?: do chonghaibh gan teacht.

dícháirdeach: (**dícharadas**) *a.* gan caraid, gan muinnteardhas. Thugas súil dhícháirdeach air d'fhéachaint an séanfadh sé me: gan chuma ceana uirthe. Daoine ná fuil puinn conbharsáide ag baint leó iad súd go rabhas an-dhícháirdeach 'n-a dtímcheall: aonarach, uaigneach.

dícháirdeas: *f.1.* ceal muinnteardhais nó caraid. Tráth é seo gur cóir do gach taobh poilitidheachta dícháirdeas do mhúchadh agus dluthughadh lé n-a chéile i dtaca toghtha: faladh: falantas: ceal ceana. "Agus cuirfidh mise dícháirdeas idir tú féin agus an bhean etc." (Gein. III. 15). (Dícháirdeas agus gráin bainid leis an nduine féin agus bíd buan).

dícheall: *f.1.* feabhas iarrachta; iomlán eitime. "Bhuadhfainn go fuidheach ort" – "ná déin aon dá leath ded dhícheall!": déin a bhfuil ionat chuige: ná géill dom. Is é mo dhícheall (mór) bheith in am don dtraen: dá fheabhas do chuirim rómham é beidh mo dhóthain cúraim orm breith uirthe. Mó dhá dhícheall déag ní chuirfeadh smacht ar an leanbh aimhleasta san: an iarracht is fearr 'sis dúthrachtaighe. "Dhéanfainn-se áthrach aoir do sheóladh chómh maith lé fear" (maoideamh) – "ní hé do dhícheall ná leat do dhíchill é" (cleithmhagadh): go bog! gan duadh! A lithéid de ghoile, bhí dícheall beirte in ar ith sé: oiread agus dhéanfadh aon ghnáth-bheirt. Dream nár fhág an dícheall riamh iad seadh na Franncaigh, bíd ag síordhéanamh 'sag cur thórsa agus ní chaithid ach go coigilteach: tionnscal, cúram baileach. "An dtiocfair liom?" – "dem dhícheall do raghaidh": tabharfad m'uile iarracht ar dhul. Ar mo dhícheall báis a's beatha chuireas díom 'on scairt nuair tháinig rabhadh an fogha aoir: pioc eile ní raibh ionam do dhéanamh. Am mo dhícheall chughat!: ag teacht chughat go mear. Táir ar do dhícheall chugham, cé nách dóigh leat gur b'eól dom san, ach clisfidh ort: d'iarraidh mo dhíobhála do dhéanamh. "Is leór ó mhóir a dícheall" (seanfhocal): ní cóir milleán do bheith ar dhuine (go mórmhór gan chumas) a dheineas an méid is féidir leis. Gnóth a's cúram ghá dalladh, níl leath a dhícheall ar aonne: budh dhóigh leat ar an bhfonn oibre atá air ná déanfadh aonne faic ach é. Déin gach aon dícheall abhaile, tá do dhreatháir ar thuilleamh báis: téighir go pras. Is beag ded chuid cladhaireachta cliseadh orm, dá ndéinteá aon dícheall de thiocfá chun mo chabhartha: aon sprioc: crot do chur ort féin chuige. 'Sé dícheall an tómhais aráin seo

biadh na seachtmhaine dhúinn: beidh sé dian air. Lé barr díchill do bhris sé an gluaistean: lé neart deabhaidh agus siubhal. Tá dícheall aonne de mhnaoi innte: dóthain aonne céstáil léi: is deacair réidhteach léi. A leinbhín, budh dhícheall d'fhear fásta an t-ualach san d'iomchar, a n-áirigheann sé tusa: bheadh breis agus a dhóthain d'ughaim tairnge air. Chómh luath is bhris an tsrian bhí an capall ráis ó dhícheall an mharcaigh: thar a smacht. Dhéanfadh chúig phúint tu do thabhairt ann agus as lé dícheall, b'fhéidir: ar iarracht dhian do thabhairt ar bheith aireach, cruinn. "Is eagal liom", ars an dochtúir, "go bhfuil sé thar mo dhícheall": nách féidir liom a leigheas dá fheabhas dhéanfainn. B'é an duine gan dícheall é, a's ní hiongnadh gur fhánuigh a chuid: gan spéis, gan aire. Breis is mo dhícheall thu d'iomchar, nách ionat atá an mheádhachtaint: dian mo dhóthain orm: tásdáil mo nirt. Bím ó dhícheall go dícheall d'iarraidh airgid do choigilt chun m'fhiacha d'íoc: do shíor is do ghnáth gan maolughadh. Cuireann an focal so chun mo dhíchill me é do mhíniughadh: cuireann duadh an domhain orm. Ná déin dícheall ar an bhfochais tá annsan ar eagla buailte uirthe: ná bí ródhana dul athchumair di. Budh dícheall do bheith cheithre fichid cé go raibh sé isteach 'samach leis: bhí a dhóthain cúraim air: is dóichighe de ná raibh.

dícheallach: *a.* faobharach, imshníomhach chun gnótha nó oibre, saotharach, aireach, fairtheach ar fhaill d'fhagháil chun leasa; lándúthrachtach; neamhfhaillightheach, friochnamhach; dian. Fear dícheallach amuigh, 'sa mbaile nár leig puinn den bhféar fás fé n-a chosaibh, sa rian air, tá rud aige: imshníomhach chun dul chun cinn. Lá dícheallach dob eadh an lá indé, bhíos ar séirse ó dhubh go dubh: greithileánach. San bhFrainnc, san nGearmáin 'si Sanana táid go dícheallach ag cóiriughadh armála: "ar lán an bhata": nílid ag leigeant don "dtaoide líonadh fútha ná trághadh uatha": deabhadh a's deifir a's gritheal ortha. Ceannóchad an fáinne seo dom mhnaoi, táim dícheallach riamh di: cúramach: fonn orm an uile rud do bheith aice a theastóchadh uaithe nó budh mhian léi. Cuir díot go dícheallach nó béarfar ort: go mear, aireach. An té a bhíos dícheallach chun an tsaoghail bíonn a rian air: a oibrigheas go dúthrachtach bíonn rud dá bharr aige.

dícheallughim: *b. n-a.* déinim deabhadh; deifrighim, luathuighim; brostuighim. Ná dícheallugh chun oibre iad agus taithneochaidh leó: ná brostuigh: fág ar a mbuille iad. Mara ndícheallughir beir déidheanach, táir ró-shiléigeach: mara ndéinir deabhadh. Dícheallóchad na fiacha d'íoc: luathóchad leo. An té a bhíos ceanamhail ar an ndigh dícheallugheann sí leis: cuireann sí chun báis é. Dícheallugheann le n-a mbíonn aige: caitheann go neamhspéiseamhail é.

dícheallughadh: *f.* (*-uighthe*) do dhéanamh deabhaidh, deifreach, do luathughadh. Ag dícheallughadh na bhfear chun oibre: ag baint oibre asta i gcoinne a dtola. Dícheallughadh lé n-a bhás seadh é do ghabháil amach lá fuar mar seo: brostughadh. Ag dícheallughadh leis an bPólainn d'fhéachaint a gcuid fear d'aistriughadh an chrioslaigh thiar. Chuireas me féin fé dhícheallughadh go mbeadh an obair críochnuighthe dhá bhliadhan: luigheas fé chuing brostuighthe. Cuid aca in aghaidh dícheallughthe i dtosach an chogaidh: fonn beart do dhéanamh 'n-a fhíorthosach. Sin iad lucht an dícheallughthe a chuir fuireann lachluinge (long fé) i dtír i gconntabhairt 'si ndrochbhall: lucht a bhí in acfuinn bearta móir do dhéanamh go tapaidh d'aindeóin guaise.

dícheannaim: (**dícheannuighim**) *b.a.* bainim an ceann de. Lámhachadh iad, crochadh iad agus dícheannadh iad. Dícheannfar thu mara ndéinir rud ar an té atá ar mhaithe leat: ní fios cad í an chrích bháis ghráineamhail do tabharfar ort.

dícheart: *f.1.* éagcóir: briseadh nó réabadh; beárna sa dlighe, dé nó duine. Dícheart seadh luighe trom ar bhochtaibh: beart pheacamhail. Dícheart orm seadh mo chion den roinnt do chongbháil uaim lé lámh láidir: éagcóir: leithleachas: claoine im aghaidh: leathtruime: leathcheal.

díchéillidhe: *a. n-dh.* neamhfhuaimeantamhail, gan chiall, amadántamhail, gan deallramh. Ainmhidhe díchéillidhe balbh, allta seadh leómhan: nách féidir leis réasún ná tuigsint do chaitheamh lé haon rud. Deóra díchéillidhe seadh deóra i ndiaidh fuachaide: níl ciall lé bheith ag gol i ndiaidh mná a mheallas duine.

dí-chlochaim: *b.a.* coillim. Díochloch an tarbh san: spoch: bain as: coill (ainmhidhe).

díchoiscthe: *a.r.* gan cos, gan staonadh; nách féidir do cheannsughadh; dothláthuighthe. Mac aimhleasta atá ag imtheacht lé n-a thoil féin go díchoiscthe: gan srian ag neach air. Leis an méid fola atá doirtighthe aca anois táid díchoiscthe ar fad: is deacair iad do mhaolughadh.

díchoisceacht: *b.3.* ceal toirmisc nó srianta. Díchoisceacht na colna do thug air peacughadh: gan bheith i ndán an toil corpardha do chlaoidhe. Díchoisceacht bídh in éagcruas budh chúis báis do: gan a chongbháil uaidh.

dí-chómhairle: *b.4.* cómhairle olc, aimhleasa, míthreóraigh; moladh ar son aimhleasa nó míbhaile. D'éisteas lé dí-chómhairle an dreama ná raibh ar mhaithe liom im óige, gan tuigsint agam ar an aindeise a bhí rómham gur thaithigheas gach droichchleachtadh atá ag tabhairt náire dhom i láthair Dé a's duine indiu: cómhairle go raibh an anacair i ndán dá dhéanamh. Atúrnae dí-chómhairle a mhol duit dul chun dlighe i gcás gur shoiléir ná beadh an lá leat: cur suas ná raibh chun do mhaitheasa. An lá thaobhuigh an Pholainn le troid in aghaidh na Gearmáine ar ghríosughadh Shasana a's na Frainnce dí-chómhairle dhi dob eadh é gan deimhin do dhéanamh do chóngnamh na dtíortha san: moladh bearta nár mhaith dhi. Is leagtha an óige lé n-a dí-chómhairle féin ná lé deagh-chómhairle thaithighe na sean: cómhairle ná tagann de chionn céille ceannuighthe. Duine ag moladh ruda dhom agus duine eile a mhalairt, idir chómhairle agus dí-chómhairle dhom táim in adhairc ghabhair: idir deaghmholadh agus drochmholadh ní féidir liom teacht ar aon nidh beacht do dhéanamh. Dí-chómhairle an phlámásaidhe: cómhairle olc: moladh bearta nó gnímh ná raghadh chun maitheasa.

díchómhairleach: *a.* ar dháil droch-mholta. Déarfaidh aonne fuaimeantamhail leat gur rud díchómhairleach duit dul chun dlighe más féidir í do sheachaint in ao'chor: nách chun do mhaitheasa é. Is díchómhairleach an bheart is toil leat me do dhéanamh dul ag troid do thír iasachta: beart ná fuil réasún ná bun léi nár leas dom féin ná dom thír.

díchómhairleach: *f.1.* moladh mícheart, duine a thugas drochchómhairle. Cómhairleach maith ar chách díchómhairleach air féin: is minic gur b'é an té a labhras go fuaimeantamhail, réasúnta do mholadh do dhuine eile an nidh ceart do dhéanamh an té ná leanann an bealach céadna san do féin. Díchómhairleach ar scoil orainn dob eadh an buachaill céadna níl aon rud mícheart ná go ngríosadh chuige sinn: buachaill a threóruigheadh ar droichbheartaibh sinn lé gníomh a's lé briathar.

díchreideamh: *f.1.* ceal creidimh, míomhuinghin as rud do chloisfeá 'n-a fhírinne; amhrastamhlacht; míghéilleadh. Ní chreidfeá go gcasann an domhan, gur féidir taisdeal tímcheall a chreasa, tá díchreideamh ag baint leat: níl géilleadh agat atá cruthuighthe go minic. Is mór an díchreideamh d'aonne ná géilleadh go bhfuil Dia ann: ceal teacht lé nidh atá chómh soiléir, sothuigse. Duine dí-chreidimh ná géillfeadh d'aonnidh ná feicfeadh a shúile nó ná cloisfeadh a chluasa féin: gur deacair leis glacadh lé nidhthibh a bhíos sothuigthe, soichreidte dréir fiadhnaise. Bhí an seanbhuachaill chómh díchreidimh sin nár bh'fhéidir do chur 'n-a luighe air go raibh áthraighe ag seóladh tríd an aer go bhfeacaidh sé iad: diúltuightheach de chunntas go raibh a lithéid i gceist. Is díchreidimh liom go súngcálfadh long fé thuinn áthrach taistealach gan rabhadh gan fógairt: is deacair lém inntin glacadh leis 'n-a scéala fírinneach.

díchreideamhach: *a.* in aghaidh géillte; duine a dhiúltuigheas do chríostaidheacht nó don gcreideamh foillsighthe. Chuaidh deisciobail Dé ameasc na ndíchreideamhach chun a n-iompuighthe in eólas a's in aithne Dé: iad so ná fuil creidsin i nDia aca. Tréis do chuid áitimh agus argóna go bhfuil rith maith ag an each san táim chómh díchreideamhach is bhíos riamh, rás níor bhuaidh sé fós: chómh dúr, diúltuightheach ar theacht leat.

díchuimhne: *b.4.* dearmhad, faillighe; ceal tabhartha chun meabhrach. Scrígh an uile theachtaireacht atá uait mar tá an díchuimhne ag baint leat: dáil inntine go n-éalóchadh an rud a bhí innte cheana: imtheacht gan teacht innte. D'imthigh an chuid eile den scéal as mo cheann; sin é díchuimhne na seanaoise: dearmhad na nidhthe a bhí de ghlanmheabhair agam. Ní dí-chómhairle í seo anois, a fheara, déinidh díchuimhne ar pé achrann atá eadraibh a's crothaidh lámh déinidh dearmhad air: ruagaidh cúis imris uaibh. Díchuimhne a dhualgais dá mhuinntir: neamhchóimhlíonadh. Leanann an díchuimhne an codladh: lé linn codlata bíonn an inntin 'n-a sos.

díchuimhnte: *a. n-dh.* ar ceal cuimhnimh nó meabhrach air. Is iomdha maitheas do dheineas ort-sa ach is tú atá go díchuimhnte ortha: buidheachas 'n-a dtaobh níl agat. Budh mhinic do dhearmhad sé a hata, a chasóg nó a scáthadán - fear budh dhíchuimhnte 'ná é ní bhfaghfá: go n-éaluigheadh nidhthe as a cheann. A leinbh, ná bí díchuimhnte ar t'úrnaighe: ná himthigheadh sé as do cheann iad do rádh.

díchúis: *b.2.* rud mícheart, as an slighe; gortughadh, dochar. Díchúis seadh luighe trom ar bochtaibh: éagcóir. An lá a bhís ag suainseán orm nách díchúis é? – ag tarang drochcháile orm ameasc daoine: rud mícheart. Budh thruagh an íde d'imthigh air, ach níor thruagh lé h-aonne é, mar bhí an iomad díchúise déanta aige ar aonne gur thruagh leis é: éagcóra go h-iomadamhail. Díchúis in imirt peile seadh fear do bhualadh: feall.

díchúiseach: *a.* éagcórach, mícheart, goirtightheach. Má tá cúis agat chugham-sa, is díchúiseach duit é d'agairt ar aonne eile ach orm: éagcórach: gan bhun: neamhréasúnta. Dar lé mórán, cé nách dóigh léi féin sin, gur díchúiseach an bheart don Almáin fogha na Pólainne: fealltamhail: an lámh láidir amháin bheith leis.

díchuimse: *b.4.* ceal teórann lé méid; dochosc; dosmacht. Bhíodar ann go buidheanmhar, cumasach lé díchuimse ó aonne: ní raibh cómhacht ná cosc ag neacht ortha. Cuireann díchuimse na mara diamhaireacht ar mo chroidhe nuair ná bíonn m'amharc ar aon rud ach aer a's uisce: fairsinge áidhbhéil. Díchuimse na dúlach 'ge Sasana i dtalmhaintidhibh tar lear: dúil uathbhásach ná sáiseóchadh leathanadas ar bith. Díchuimse a mhian chun siléige a's ragairne do thairng chun dhrochshláinte é: mian dochlaoidhte.

díchuimseach: *a.* doshásta, dosháruighthe; fóirleathan, áidhbhéil; ollmhór. Stail dhíchuimseach dob í nár bh'fhéidir do bhréadadh: stail rófhiadhain a chuaidh ó bhriseadh. Nár dhíchuimseach an neart a bhí in Oscar gur ceapadh d'Oisín gur bh'fhear láidir Dia dá gcuireadh ar lár é: nár bh'fhéidir dul i gcomórtas leis. Coillte diamhaire díchuimseacha i lár na dúthaighe nár chuir fear bán a chos riamh ionta: leathan: fairsing, doimhin. Teacht agus imtheacht na taoide tá díchuimseach ar an nduine: choidhche ní fhéadfadh a smachtughadh.

díchumaim: *b.a.* tugaim anchrot air, laitim a dheilbh nó a aradha. Díchumann gonta agus créachta cogaidh clódh an tsaighdiúra go minic i slighe agus gur deacair é aithneamhaint. Chaith sí uisce te san aghaidh air a's tá sé díchumtha le n-a shaoghal beatha: tá a cheannaghtha ar fad méiscreach gránda. Cuireadh tarradh fé dhealbh Ríogh Uilliam a dhíchum thar aithneamhaint é: a thug malairt de dhrochchlódh air.

díchumadh: *f.* (*-umtha*) do thabhairt malairt crota ar olcas air, gné-mhilleadh. 'Sé a ndeineadh sé ar scoil do bheith ag díchumadh na suidheachán lé sciain phóca a bhí aige i nganfhios go mbaineadh sciolpaidhe a's gearraidheacha ionta: lat: a n-uachtar do mhilleadh. Cruiteachán go bhfuil an díchumadh san air ó saoghaluigheadh é: an druinn (dronn) sin air. Dréir na bpáipéar tá díchumadh tugtha ar Bharsá ge gunnaidhibh móra na Gearmáine, leagtha, dóighte, meiscreach: an scéimh thaithneamhach a bhí uirthe atharruighthe ar scéimh ghránda. An díchumadh thug an cleasaidhe táilliúra ar mo chulaith bhainfeadh sé gáire as chat!: an clódh nó an deallramh neamhghnáth, dochaithte, fastuímeach.

dí-dhaoinighim: *b.a.* ruaigim, nó básuighim daoine as. Tá sé ráidhte gur dóghadh is gur dí-dhaoinigheadh Corca Dhuibhne chúig uaire, ná raibh beó os chionn talmhan ann: gur dí-shealbhuigheadh, ruagadh nó cuireadh chun báis a treabhachaistidhe uile. Scannruigheadar go ndí-dhaoineóchadh an t-éagcruas an ceanntar bhí sé chómh marbhthach, tógálach, fóirleathanach san: ná fágfadh puinn beó 'n-a dhiaidh.

dí-dhaoiniughadh: *f.* (*-uighthe*) luigheadughadh líon na ndaoine. An imirce agus an ghorta budh bhun lé dí-dhaoiniughadh na hÉireann an tráth san gur imthigh na milliúin in achar gearr: dul ón mbreis go beagán.

dídean: *f.1.* cosaint, clúdach, fothain; áit dhaingean, fasca; scáth. Ghearr na farthóiridhe costa cradhsán mar dhídean aoir a's síne chun a sábhálta ó fhogha aoir a's scéird síne: cosaint. A Dhia, déin dídean dom, dianathchuinghim ort ar mhalluightheacht a's chleasaibh an diabhail d'fhonn me do shaoradh uaidh: taca cosanta: caomhaint: tearmann: coimirce: anacal: do choimeád ó olc nó ó dhíoghbháil. Theich mórán Giúdach ón Almáin ó ghéirleamhaint go dídean i dtíorthaibh iasachta: ball go mbeidís saor ó bhaoghal ann. Ní dídean duit an áit seo: nílir ó bhaoghal annso. Casóg ró-éadtrom mar dídean síne sa gheimhreadh, gheóbhair fuacht aiste: fascadh: mar bhall coimeádta síne uait. A Mhuire, a dhídean na bpeacach, tair im dháil: a Mhuire go dtrialltar ort chun cabhartha is cómbáidhe. Ar mbeith caithte dá chuid aige a's gan ach diúltadh is éaradh dhá fhagháil aige i ngach áird ní raibh aon dídean aige ach an seanteach 'n-ar saoghaluigheadh é: áit ná raibh ceal ná baoghal air. Chaith sé anáirde leis féin é nuair connacthas do ná raibh aon dídean aige ach an uaigh!: aon tsuaimhneas. Ceapadh leis an dá thaobh cogaidh log dídin dóibh seo ná raibh rannpháirteach sa troid: áit dhaingean gan chonntabhairt. Chun dídin síne an claidhe seo do stoc: iad do chosaint ar dhrochaimsir. Ní cuan dídin cuan Fionn Trágha ní h-i gcómhnaidhe choimeádfadh ancairidhe a ngreim ann: ní díolfí árrachas as luing a brisfí ann mar tá sé déanta amach ná fuil sé "sábhálta".

dídeanta: *a.r.* cosanta, daingean ó bhaoghal. Chómh maith agus is féidir lé meabhair an duine agus innealradh ar gcómhaimseardha dhe tá an Fhrainnc dídeanta ó thalamh in aghaidh ionnsaighe 'n-a cliathán thoir: dúnta agus an uile shaghas sáis cosanta uirthe. Bíodh an chathair dídeanta ar gach taobh ón namhaid dá chosc teacht isteach: déintear an uile nidh a chuirfidh ó bhaoghal a tógtha í. Do bhrat, a Mhaighean Mhuire mar scáth dídeanta dom: mar chumhdach in aghaidh conntabhartha m'anama.

dídeanuighim: *b.a.* saoraim, cosnaim, cumhduighim ó bhaoghal; scáthuighim; tugaim tearmann do. I dtigh na ngealt dídeanuightear na haindeiseóiridhe a bhíos as a meabhair: tugtar fothain a's aire dhóibh. An falla barrachta do tógadh dídeanuigheann an cuas ar an aimsir ón bhfarraige: coimeádann uaidh ná maoluigheann a cómhacht faic ní dhídeanóchadh ar an mbás anois é, tá sé ró-imthighthe: ní shaorfadh.

dí-dhóigh: *b.2.* drochdhóigh, cao, aiste nó can aindeis nó nách ionmholta; míthreóir. "Connus tá gem dhuine?" – "ar dí-dhóigh": níl sé ar fóghnamh fé strus an tsaoghail nó n-a shláinte. Ceal aire is saothruighthe do thug dí-dhóigh ar an dtalamh san: aiste nó dáil olc: gan bheith go maith. Mo thuairm gur dí-dhóigh dho bheith ag lorg ar dhream ná fuil fonn tabhartha ortha: ceal ratha. Ná cuir faic fé n-a thuairm, bíonn sé ar dí-dhóighe: gan aon dóchas ná muinghin go mbeadh aon rud éirightheach. An rud gur bh'é tuairm gach aonne gur dhóigh é b'é lán-tuairm an duine dholbhaigh úd gur dí-dhóigh é: an droichchrích ar aonnidh do shíor ceangailte 'n-a cheann. Cuirir ar dí-dhóigh mo bheatha an tráth díbrighir as mo bheart me: bainir an uile chao díom.

dí-éadaigh: *a.* nocht, gan éadach, nochtuighthe, do bheith i ngiobalaibh. In a gcodladh bhíodar nuair bhuail an pléascán an long agus leis an bhfotharaga chaith a bhformhór 'on bhfarraige iad féin dí-éadaigh: nochtuighthe. Mo dhóigh go ndeaghaidh sé chun deiridh sa tsaoghal lé déidheannaighe, ní bhíodh sé chómh dí-éadaigh fada agus tá anois: chómh

beag a's chómh holc fé éadach. Nuair lean an dubhluachar rófhada ar na sclábhaidhthibh bhíodar i ndeireadh dála dí-oibre, dí-bhídh agus dí-éadaigh: gan ortha ach na giobail.

dí-eólach: *a.* gan eólas; ainbhfiosach; aineólgaiseach; dall; ceal feasa; gan foghluim. "An té nách fios do na nidhthe budh thairbheach do níl ann ach duine dí-eólach, pé rud is fios do seachas san": míofhoghlumtha. Áit dí-eólach dob eadh é isteach i gcoill dhiamhair agus chuadhas amugha: ball ná raibh aon dul amach air: ná raibh ar chairt ná i dtuairisc. Níor shaoir dí-eólacha a thóg Teampall Gallarais gan mairtéal, a's atá n-a sheasamh le breis agus dhá chéad déag bliadhain: saoir gan saoirseacht. An té a bhíos dí-eólach ar a chorthaibh ní bhíonn eagla ná náire air: an té ná braitheann rud déanta as an slighe aige. Táim dí-eólach ar cad tá id chroidhe: ní fios dom t'aigne.

dí-fhreagra: *a. n-dh.* do-fhreagarthach; gan freagra; nách féidir d'fhreagairt. Cá ngeóbhaidh an t-anam tréis bháis don bpeacach, tá dí-fhreagra aige: níl ar a chumas a innsint. Suidheamh dí-fhreagra seadh a rádh gur lé lámh láidir atá Sasana i dTuaisceart Éireann a's nách lé n-ár dtoil doibhréagnuighthe.

díghean: *f.3.* daibhcheacht (do-aghaidh + theacht) "dara dúire"; gruaim; duairceas. Duine dígheana ná labharfadh fiche focal den gcainnt leat i rith lae: aingidhe: gruamdha: doiriartha: na téidheamhóchadh leat. B'anna(mh) leis bheith chómh ciúin, cad chuir an díghean air?: tost searbh.

dil: *a.* ceanamhail, ionmhuin. A chara dhil mo chroidhe istigh, is gean liom do chuideachta: duine go bhfuil cion mo chroidhe agam air. A cháirde díle (díle san uimh. iol.), ná h-iarraidh aon chabhair chun mo bhúird: daoine mór-ionmhuine. A Mháirín dhil: atá dílis, seasamhach dhom.

dil: *b.2.* braoinín, deóir, oiread a's thuitfeadh de rinn pinn. Bó gan dil (bhainne): i ndísc. Níor fágadh dil sa tsoitheach gan diúgadh: braon beag. "Braon ar bith (blaiseadh do phuis!) ní bhfaghair" – "á! tabhair dom dil (dilín)". Aon dil ní théigheann n-a bhéal: ní ólann sé deoch mhearbhaill. "An ólfair é seo?" – "dil!": braon de ní chaithfead siar.

díle: *b.4.* tuile mhór; an bhóchna. Cad é a aos? Tá sé ann ó aimsir na díleann!: an-aosta ar fad. Nách é an lá díleann é: mórthuilteach. Cáinseóiridhe ban gan de chúram ortha ach cúlchainnt, "tairngeóchaidís an díle thart": dá mbeadh aonnidh aca lé cur i leith aonne ded sheacht sinnsearaibh chasfaidís leat é. An díle do tharrac thar dhuine: íde bhéil agus báirseóireacht do dhéanamh air.

díleaghadh: *f.* leaghadh, feódhadh, scaipeadh iomlán. Díleaghadh ort mar mhadra maran ionat ná fuil aon mhaith: léan ort: brón a's aindeise etc. An díleaghadh orm-sa, mhuis, má thugaim oiread is deaghghuidhe dhuit: mío-ádh orm. D'imthigh an díleaghadh ar an dtreibh chéadna, níl neach dá sloinneadh ann anois: d'imthigh an fán ortha. Chlipfeá aonne bheadh i dtreis leat, aon rud go gcuirir méar ann imthigheann an díleaghadh air: imthigheann gan mhaith, nó amugha.

díleas: (**dílis**) *a.* ceanamhail, ionmhuin; daingean; fíorcheart; neambáidhte, neamhmeascuighthe, neamhthruaillighthe. Sin é mo mhac dílis: ní leasmhac ná mac uchta é, ach mac leis an gcéile atá agam nó a bhí. Crann díleas d'Éirinn seadh an ghiumhais: is dual agus dúthchais di. Sí an Ghaedhealaing ár dteanga dhíleas agus Éire ár dtír dhíleas: an teanga a's an tír ná baineann le haicme eile. Tabhair dom gloine de bheathuisce díleas Chorcaighe: an beathuisce déintear ann. Airgead díleas é sin, ná haineófá ar an nglór atá aige é: ceart: fíor. Ní bréag a rádh gur díleas an charraig í, ní bhainfeadh úird ná casúir béic aiste, aon rud ach púdair: chómh cruaidh, dlúth agus d'fhéadfadh a bheith: daingean, doscoilte. A thúisce a's chonnaic sé i nguais mé tháinig chun mo shaortha, nách díleas é: an mianach ceart misneamhail do bheith ann. Doradha díleas é sin ná bíodh eagla a bhriste ort: gur féidir muinghin do bheith as. An bhean is dílse póg: gur mílse a's go dúthrachtaighe i dtabhairt. "Cácar" an leasainm atá air ach an ainm dhíleas "Seán": an ainm ó thúis. Gabha maith, cuireann an t-iarann is dílse i gcrúdh: is fearr mianach. A Dhia dhíleas! cad déanfad anois?: Dia ná tréigfeadh, Dia ná déanfadh éagcóir. Scaoil-se amach an leann ná doirtfear é, mar tá do lámh-sa díleas a's creathán im láimh-se: iontaobha. Is dílse duit-se bheith flaitheamhail: budh chorr é dá mbeitheá ar a mhalairt de shlighe.

dí-leigheas: *f.1.* ar dháil nách féidir faic (luibh ná liagh) fóirthint air. Ósbuidéal na ndí-leigheas: go mbíonn daoine fé aicídidhibh ná fuil aon dul ar theacht uatha. Ar an gcóir mhóir aicíd dí-leighis seadh an aillis.

dilghean: *f.3.* cion mór. Lé dilghean dá mháighistir d'fhan an madra ag uallfartaigh ar a uaigh go bhfuair bás den ocras: leanamhnachas dílis.

dilghrádhach: *a.* gur fiú mórghrádh. A mháthair dilghrádhach Dé: tusa gur fiú mo ghrádh thu. Ní raibh neach budh dhilghrádhaighe ameasc na ndaoine 'ná é, déanfí aonnidh ar a shon: is mó go raibh meas a's cion air.

díliughadh: *f.* (*dílighthe*) do theacht 'n-a shlaodaibh nó n-a thuiltibh. Táir ag díliughadh an úrláir leis an árus san atá ag leigeant uaidh: uisce nó leann eile ag gabháil lastuas de. Díliuigheann an abha na hinnsidheacha sa gheimhreadh: scéidheann a huiscidhe agus múchann an talamh.

dí-lochtach: *a.* gan locht, cáim, ná smál. Ím breágh úr tighe dí-lochtach gur bhreágh leat a bhlaiseadh: gan míbhlas air ná míobholadh cola uaidh.

dílse: *b.4.* (**dílseacht**) ionracas, macántacht, fírinneacht, díre; leanamhaint cheart do dhualgas; tairiseacht. Dílse dá dhualgas dúthaighe budh bhun lé n-a chur i gcarcar: buan i ndéanamh an ruda budh cheart agus gur bh'é a chúram é. Sheasóchainn choidhche ar a dílse: bheadh muinighin agam ná scarfadh déanamh an chirt is na córach leis. Is é mo dhílse talamh m'athar do bheith agam: mo cheart dréir dúthchais. Bíodh ár nguidhe go bhfagaimíd luach ár ndílse ó Dhia: daingneacht i gcreideamh agus i ndualgas. Gheall sé go mbeadh linn agus géillim dá dhílse ionracais: buantseasamhacht: creidim go bhfuil i ndáiríribh.

dí-mhaise: *b.4.* neamhshlachtmhaire(acht), neamhchúis; réagúntacht; drochbhail. Nára dí-mhaise dhuit an bheart ghaládnta atá déanta agat: nár thagaidh míothairbhe dhuit dá chionn: go dtugaidh sí breis mheasa dhuit. Dí-mhaise ar an gcathair d'oidhche seadh an doirchiughadh éigne seo: bíonn áiteanna do-shiubhalta conntabharthach dá chionn. Tógaint dí-mhaise atá déanta agam ar mo thigh mar nách saor me: gan aon órnáid. Dí-mhaise dhuit seadh an drochchaint do chaithis liom: ní fearrdide thú é: ní móide meas na ndaoine ort 'n-a thaobh. Ní dí-mhaise an mhacántacht: ní díoghbhail ná cúis aithise í ach a mhalairt ar fad.

dímbrigh: *b.2.* ceal brighe nó feidhme, dul ar gcúl (i sláinte, etc.). Táir imthighthe chun dímbrighe lé tamall, ar an ndath atá ort budh cheart duit dul i gcómhairle dochtúra: i laige. Fág an dubhach gan clúdach a's raghaidh i ndímbrigh: imtheóchaidh an suiméar (substainnt) as. Níl blas ná dath ag aonne ar mo chuid oibre, táim i ndímbrigh aca: gan mheas.

dímbrigheach: *a.* lag, gan tapa, gan feidhm, gan an mhaitheas bhunaidh. Úirlis dímbrigheach seadh an tuireasc so, tá na fiacla imthighthe as: ar dháil ná féadfadh gearradh. I láthair a bháis ní raibh scilling aige a's budh mhór é a chao ar shaidhbhreas do dhéanamh, nách dímbrigheach do chaith sé a bheatha: gan dul i bhfeighil a mhaitheasa: faillightheach. D'fhág an t-ocras fada agus an t-argal chómh dímbrigheach é agus ná féadfadh sé labhairt nuair fuairtheas é: gan tapa: lag. Bréithre dímbrigheacha ná héisteann aonne leo: gan fuaimeanta: gan acfuinn áitimh.

dí-mheas: *f.3.* ceal measa; táir; tarcuisne. Ní h-aon dí-mheas duit an tigh atá agat, is é atá go slachtmhar, críochnuighthe: ceal tuairme maithe. Capaill fé dhí-mheas breis ó tháinig ré an ghluaisteáin: ní caithtear oiread smaoinimh ná deaghthuairme leó toisc ná fuiltear ag baint an oiread aise asta. Le dí-mheas orm ní chuirfeadh geall asam: níor chuir aonne an oiread suime ionam a's gur bh'fhiú leis san. Ag tabhairt dí-mheasa dhom féin seadh bhein dul ag argóint lé duine dí-eólach mar thu: ghom úirísliughadh féin. Is cuma liom meas nó dí-mheas, táim chómh neamhspleádhach san: níl tuath agam in aon rud do tuigtear dos na daoinibh im thaobh. Is mór an dí-mheas atá ar ím ná fuil air ach réal an púnt: ní fiú puinn in aigne na ndaoine é: diúltadh dho le neamhfhiughantas.

dí-mheasaim: *b.a.* tugaim breith olc ar. "Ná dí-mheas mo chuid feóla", ars an brothaire, "mara bhfuil fonn a ceannuighthe ort": ná bí ghá lochtadh agus ghá cáineadh. Ní mór ag aonne an rud do dhí-mheasann sé: nách fiú leis puinn é. "Má dhí-mheasair me a's gan rud do dhéanamh orm", ars an máighistir, "smísteálfad thu": mara dtugair an t-ómós dom is dual do thabhairt d'fhear im ionad.

dí-mheisneach: *f.1.* ceal meisnigh, ceal cródhachta, neamhdhánaidheacht; eagla roim chonntabhairt; faitchíos nó rud roim thabhairt fé ghníomh. Cuireann faid an turasa agus olcas na h-aimsire dí-mheisneach orm, ní dóigh liom go gcorróchad: mí-fhonn. An mbeadh dí-mheisneach ort dul ar snámh san uisce thanaidhe sin?: eagla (báidhte). Cúis dí-mhisnigh d'aonne pócaidhe follamha i gcathair dí-eólaigh: laige spiride. Ní bhraithim ar fóghnamh a's tá dí-mheisneach bídh orm: ceal fonn ithte.

dimileaghadh: *f.* (*dimileachta*) milleadh, bánughadh, feódhadh, díoláithriughadh; aindeise, neamhghastacht; neamhchríochnamhlacht. Dearc ar do chuid leabhar agus an tslighe atáid ar míriar, d'imthigh an dimileaghadh ort le manaois: d'imthighis chun an phota: gastacht na haindeise atá ionat. Ar shliocht na h-éagcóireach imthigheann choidhche an dimileaghadh a's ní buan iad: fánuighid a's scaipid ar dímbrigh. Dimileaghadh ort! a bhleaigeáird thoghtha go ndéanfa éagcóir ar neach gan chúis: droichchrích go dtéighid ort: fánughadh ort féin a's ar do chuid. Tá an dimileaghadh orm, féach an botún atá déanta agam: an aindeise: nílim chómh haireach tímcheall mo chúraim a's budh cheart dom.

dí-mholadh: *f.* (*-lta*) cáineadh; dí-mheas, dí-mheasadh. "Ghá dhí-mholadh dhuit féin ataoi", deirtear lé duine a bhíos ag cáineadh lé duine eile aon ruda a bhíos dhá dhíol a's go mbíonn dúil aige féin ann. Trí feóirlingidhe níor bh'fhiú thu tréis an dí-mholta a fuairis uaidh: an cáineadh agus an droichtheist do thug sé ar do thréithibh. (**dí-mholaim, dí-mholta** etc.)

dí-mhúineadh: *f.* (*-nte*) ceal tabhairt suas, béas; ceal míne. Cad é a leigheas ar bheith drochlabhartha, cá ngeóbhadh an dí-mhúineadh, duine nár chaith lá riamh ar scoil a's gur mar sin do bhí a dtáinig roimis: "gach talamh dréir a bhuinn": ceal foillsighthe dho an chaoi gur chóir do é féin d'iomchar. Ní ceal meabhraidheachta ná incheann atá ag teacht leó ná bíd éirightheach, ach dí-mhúineadh: gan eólas do thabhairt. Ná tóg ar aonne dí-mhúineadh: ceal míne i mbriathar, ceal béas i ngníomh. Cuireann a dhí-mhúineadh déistin orm: an tslighe gharbh, bhorb atá fé ar nós an ainmhidhe aingciallda.

dí-mhúinte: *a.r.* dí-eólach, dí-thíorachais, neamhshíthbhialta. Dubhairt sé liom dul sa diabhal nár dhí-mhúinte an chainnt uaidh í: gan bhéasa, gan mhíne. Fuair an lucht cuardaigh treabhacha dí-mhúinte i ndiamhairibh na gcoillte ann, gan puinn eólais aca ar aon ealadhain gan bac lé léigheamh agus scríobh: dí-thíorachais: gan freacar. An balbhán bocht ní raibh aon leigheas aige ar bheith dí-mhúinte: gan an gnáth-eólas do bheith aige. Fear dí-mhúinte a labhradh go neamhanamhail ameasc leanbh: cainnt dhraosta, neamhmánla a thabharfadh scanail agus drochsholaoid.

dí-nascaim: *b.a. 7 n-a.* scaoilim, leigim uaim greim, scuirim, dealuighim. Dí-naisc sé na capaill a bhí ceangailte sa ghabhann agus bhailigheadar leo: scaoil sé a cuid ceangal. Níor fhan fiacal im cheann nár dí-nascadh nuair treascaradh me: cuireadh as ionad. "Dí-nasctar an bráighe", ars an breitheamh, "is mian liom a dheárnacha d'fheicsint": scaoil an crobhnasc de. "Choidhche airís", arsa Hitlear, "ní dí-nascfar an Phólain mar bhí sí ón Almáin": ní bainfear di í: beidh sí cuibhrighthe leis an Almáin.

díne: *b.4.* sraith; na hóga. "Nách suarach, sprionnlaithe an t-uibhín é sin" – "ní hiongnadh san, ubh deiridh díne seadh é": an t-ubh deireannach de shraith (éanlaithe áirighthe a bhéarfadh airís, an chuid is mó aca thiocfadh gor ortha, nó raghaidís 'on chleithigh iar seo).

dí-neartuighim: *b.a. 7 n-a.* laguighim, breódhaim, anbhfannuighim. Dí-neartuigheann an duine leis an aois: téigheann i laige. B'é tuairm púncáin tuairisceora páipéar go ndí-

neartóchadh an Almáin lé n-a cómhacht aoir treise farraige Shasana gidh ná claoidhfeadh: luigheadóchadh go mór. Táim dí-neartuighthe óm chath breóidhteachta, ní mór go bhfuil siubhal na slighe ionam: laguighthe anuas.

díng: (**dínc**) [**díngc**] *b.2.* (a) blúire mitil nó adhmaid, leitir go faobhar air, i gcóir scolta (b) ceann des na chúig cómhachtaibh céirde – meall nó bruth adhmaid nó mitil reamhar ar cheann de agus tanaidhe ar an gceann eile le haghaidh compar trom d'árdach, ach is gnáthaithe i gcóir bloc iarainn nó adhmaid do scoltadh í. "Díng den líomhán a scoilteas í féin" (seanfhocal): "cuir gadaidhe chun beartha ar ghadaidhe". Cuir díng le cúilm na ráinne, tá an feac ar bogadh: sáidhteán: blúire cóngnaimh chun scoilte do líonadh. Nár shaidhbhir an tír í go bhfaightí dingeacha (dínceacha) óir idir sleamhancachaibh fé thalamh: alpáin fhada go daingean. Chuir sé díng liom (imirt chártaidhe) ná féadfainn do bhualadh: cárta teann, cómhachtach. Dá mbeadh a chómh i dtreis nirt le duine déarfí leis, 'tá do dhóthain de dhíng anois leat': chómh maith leat aon lá. Dínceacha fear dob eadh an uile dhuine aca: fir theanna, thalamhaidhe go raibh acfuinn ionta. Is maith an díng mná (fir, garsúin etc.) í: fuinnte, cruaidh, neamhleóchaileach. Dar leis gur chuir sé díng ionam lé n-a chuid áitimh: gur bhain sé tuargaint asam. "B'é rún na hAlmáine", arsa Seorsail "díng do chur i gcaradas Shasana a's na Frainnce": iad do scaramhaint ó chéile. Níor mhór díng do chur leis an bhfonnsa, tá sé rófhairsing don soitheach: blúire adhmaid nó teannta éigin idir é agus an soitheach. Díng cloiche ná brisfeadh "úird mhuilinn an iarainn": cloch dhlúth dhaingean.

ding deang: *f. n-dh.* glór mar thagann as inneóin nó clog do bhualadh go héadtrom. "Ding deang deadoró, ding deang déaró/ d'imthigh mo bhean leis an dtáilliúir aerach". Beidh ding deang agat leis an oighean san go mbrisfir é: ghá bhualadh go neamhaireach.

dingeadh: *f.* (*-ghthe*) do phalcadh go dlúth, do sháthadh isteach go daingean, do luighe go trom ar; brughadh, cuma-bhrughadh. Ghom dhingeadh a's ghom dhingeadh bhí an trucail (anuas orm) gur fuasclódh me: ghom bhrughadh i gcoinnibh (na talmhan etc.) lé n-a meádhachtaint. Ag dingeadh an éisc (na feóla, etc.) ar a chéile d'fhonn breis do chur sa tsoitheach: ag luighe air chun a dlúthuighthe. Slighe bhur ndóthain atá agaibh ach gan bheith ag dingeadh a chéile: ag brughadh 'sag súngcáil. Rug sé ar dhá chluais orm agus chrom ar dhingeadh mo chinn 'on talamh: ghá bhrughadh tríd lé cómhacht a nirt. Nách í an Phólain a fuair an dingeadh in a ghiorracht aimsire gur claoidheadh ar an dtaobh istigh de mhí í: an tuargaint 'san t-éigean. Ag dingeadh na deilge ionam ataoi leis an snáthaid in ionad a bainte: ghá sáthadh isteach.

dingim: *b.a.* brughaim lé neart, sáthaim go daingean. Ding isteach annsan tú féin 'n-a measc: brúghaidh isteach go dlúth eatartha. Ding an t-iasc sa bharaille: palcuigh. Nár chómhachtach í an fharraige a dhing an tsail adhmaid sin sa scoilt faille sin: a dhaingnigh isteach go dian, docht. Airgead! tá mo phócaidhe dingthe leis: lán-phalcuighthe chómh dlúth a's ná raghadh a thuilleadh ann. Ar bhiorán bhuidhe nuair dhingfinn do chuid aighnis siar id scórnaigh, dá bhfaghainn a thuilleadh pastaireachta uait: bhrughfainn d'aindeóin a dhoichte dhom. Dingfead (díncfead) lé cárta an turus so é ná buailfidh sé: cuirfead isteach leis é: sáthfad chuige é. Á, táim dingthe fé chois ag fiachaibh: brúighte:

claoidhte ar fad. Dhingeadar leo siar i gcoinnibh na scríbe: d'oibrigheadar a slighe leo go duaibhseamhail, docht.

dingire: *f.4.* duine a bhíos do shíor agus ding deang ar gach aon rud; palcuightheóir; an casúr a bhíos ag cabhsóir nó páileadóir. Dingire seadh é a's ní fear oibre: fear ná bíonn acfuinn ná fuaimeant 'n-a iarrachtaidhibh mar bheadh leanbh ag déanamh crudha chapaill. Dingire eólach a chuir na séirdínidhe sa bhosca so, féach a bhfuil bailighthe síos ann: palcuightheóir.

dingireacht: *b.3.* do dhéanamh glóir éadtruim, do bhualadh go héadtrom, teangbháil gan éifeacht lé haonnidh a bhíos docht nó teann. Ní dingireacht chasúra a bhrisfeas an charraig seo ach trombhualadh úird: lagchnagadh. Ná bí ag dingireacht leis, ach buail ó thalamh é!: ghá ionnsaighe gan éifeacht. Ag dingireacht ar an mbád ataoi in ionad í do rámhaidheacht: ag déanamh beag-lag-iarrachtaidhe. Ní dingireacht a theascas crann: buillidhe beaga. Sin mar chaitheann sé an lá – ag dingireacht: teangmháil gan bhun.

dinnéar: *f.1.* príomh-bhéile an lae. "Duine gan dinnéar beirt chun suipéir" (seanfhocal): an té a théigheas gan dinnéar itheann oiread lé beirt ag an gcéad bhéile eile. "Annsúd do bhíodh flúirse agus cáiréis/ lucht súgraidh na gcúige chun dinnéir" – P. Firtéar. "Gheóbhair-se do dhinnéar uaidh siúd", deirtear lé duine go mbíonn cúis ag neach éigin air: díolfair as. "Imtheacht gan do dhinnéar ort!" (tiomna): deirtear so lé míchéadfadh nó lé drochaigne.

dinntiúir: *f.3.* cómhchor i scríobhnóireacht go mbíonn de ghnáth cóip de ag gach caonaidhe. Is maith do phléidh an t-atúrnae do chúis, tá a dhinntiúiridhe go maith aige: eólas a ghnótha. B'fhada ag gabháil leis an gceárd do, sara bhfuair sé a dhinntiúiridhe: teisteas scríobhtha go raibh an ceárd airighthe sin ar eólas aige. Dá bhfeictheá garsún beag ag imirt chártaidhe go cliste, eólgaiseach, déarfá, "tá do dhinntiúir agat, a gharsúin!" An captaen Gearmánach a thug an fhuireann Ghréagach 'n-a luing fé thuinn isteach go Cuan Fhionn Trágha bhí a dhinntiúir thar bárr aige: togha an eólais aige.

dío-bhlas: *f.1.* ceal blasa; leamhas; leimhe, leimheacht. Go raghaidís seo i ngoire éisc faid agus tá dul ar fheóil aca, tá a mhalairt de dhío-bhlas aca air: ní taithneamh leo é. Chaitheadar uatha biadh breágh gan itheadh chun an mhadra le dío-bhlas air: ceal a bheith chun sástacha a mbéil. Íosfad-sa é mara n-ithir-se, níl aon dío-bhlas agam-sa air: aon chol lé n-a itheadh. Earra leochaileach seadh ím, is furaiste dío-bhlas do chur air: blas leamh.

dío-bhlasach: (**díomblastamhail**) *a.* go mblas leamh. Ím dío-bhlasach ní bhfaightear margadh dho: gan an blas nádúrdha bheith air.

díochra: *a. n-dh.* (**díochrach**) díoghraiseach, guilmeach, fonnmhar; airceamhail: "bán chun", "ar bidhis": dúlmhar: faobharach: cíocrach. Phóg sé go díochra a inghean ná feacaidh sé leis na ciantaibh a's do shaoil go raibh marbh: ó n-a chroidhe. Budh dhíochraidhe ár n-iarracht ar chur lé chéile: budh dhéine do raghadh sí. Sé an té is díochraidhe chun oibre é ar m'eólas, go luath déidheannach a's rud éigin ar siubhal aige:

is dúthrachtaighe. Níor stad sé de thrácht ar dhul 'on arm, bhí sé díochra go leór chuige: fonnmhar. Ná hith chomh díochra a's raghaidh an biadh síos níos fearr leat: chómh guilmeach, leis an oiread ampla. In a óige dho bhíodh sé díochra chun rinnce: "bán glan": andhúil aige ann. Duine budh neamhdhíochraighe chun an tsaoghail 'ná é ní bhfaghainn ar m'aithne: neamhdhian air féin chun bailighthe maoine.

díochracht: *b.3.* fonn; dúthracht, teasaidheacht. An díochracht go léir do bhíonn air chun breise do bheith aige ar aonne eile: an fonn 'san deabhadh: an luathlámh. Bán de dhíochracht go gcuirfeadh na feirmeóiridhe tuilleadh a's a thuilleadh talmhan: scleóndar croidhe. Croidhe cruaidh a dhiúltóchadh do dhíochracht a athchuinghe: dúthracht a's dianlorg i ndáiríribh ghlan.

díodán: *f.1.* crónán; dórdán. "Bhuail an fathach uime a's é ag díodán amhráin" (seanscéal): ag cur aoir nó fuinn air idir a fhiaclaibh. Fuaireas an tseanbhean 'n-a bothán cnuic ag díodán cois teine dhi féin gan mairg sa tsaoghal uirthe: ag dramhdán: ag déanamh glóir binn ós íseal de ghuth gan briathar. Crónán beach, díodán daoine: iad ghá gcur féin in iúil: ag cainnt ós íseal mar bheidís mí-bhuidheach d'acht éigin dlighe.

díog: (**díg**) *b.2.* (*iol.* –geacha) séighleán nó clais chun uisce d'iomchar innte, gearradh doimhin (cois claidhe). Dígeacha an bhóthair: an dá ghearradh ar thaobhaibh chun an uisce do tharrac uaidh. "Fód as an díg dhá fhód ar an gclaidhe" (seanrádh): anáirde air cuirtear an fód bainte. "Gheóbhfar sa díg é", deirtear lé duine i mbun trucallach, rothair, gluaisteáin go mbíonn an iomad siubhail fé nó go mbíonn droichiontaoibh as de chionn cúise éigin (olcas an bhóthair, an ghiolla, an ghléis iomchair, doircheadas, meisce etc.). Ní dearbhtha dhuit an t-airgead san ar fad d'fhagháil 'ná tú féin d'fhagháil sa díg: de dhruim meisce. D'fhág an tuile dígeacha 'n-a diaidh: gearraidheacha móra, doimhne. Sí an díg do stáitse choidhce: aon éirghe sa tsaoghal níl os do chionn ach an aindeise agus an daorsclábhaidheacht. Tuiteam i ndíg do dhein sé: theip air agus d'fhan annsan. Bíodh díg an bhóthair ag daoinibh bochta uatha: tugaidís slighe dóibh go diair.

diog: *b.3.* corruighe beag, déith. Ní bhfuair an dochtúir diog ann: aon chorruighe cuislean ná eile. Níl ionam ach an diog leis an ocras: déith: táim i ndeireadh na feide: níl ionam ach an déithearnach.

díogha: (**díg**) *b.4.* an chuid nó an rud is measa dréir comórtais; codarsna an fhocail "rogha"; dríodar. "Is deacair rogha do bhaint as dhá dhíg": ní furaiste do dhuine a leas do dhéanamh eatartha. Tá na bróga agat, a bhuachaill, is ní hiad díg iad: táid ar fheabhas. "Díg gach uile dhíge droichbhean" (seanfhocal): teangmhálaidhe níos dochraide 'ná í ní féidir teacht treasna air. "Díg gach síne an sioc" (seanfhocal): is measa ag teacht as an spéir. A Dhia! ní fhéadfadh na gunnaidhe a bhí againn do bheith níos aindeise, b'iad rogha gach díge iad: níor bh'fhéidir teacht tharsa lé holcas. Tabhair rogha don bhodach a's toghfaidh sé díg (seanfhocal): an t-aineólach so tógfaidh an rud is measa ach a fhágaint fé. Díogha gach céirde an t-ól (rádh): ní maith an cleachtadh é. Bíodh rogha an dá dhíogha anois agat, tú do chrochadh nó do lámhach: péaca bás is fearr leat. Is tú díogha na bhfear (easonóir): an fear is measa beo nó ar chúram áirighthe.

díoghal: *f.4.* (*-ghla*) do dhéanamh agairte; pianadh ceart d'agairt, sásamh do bhaint amach as. Bhuail sé féin daoine go minic, is maith an díoghal air féin é do bhualadh go maith: tuilleamh: cúiteamh. Díoghal do pheacaidhe ifreann! mara ndeinir aithrighe: cúiteamh: an léan a leanas iad: aithbhirt Dé. Crochadh díoghal an té a mharbhuigheas duine: aithbhirt dlighe na talmhan. Ná bí ag díoghal chortha dhuine eile orm-sa: aithbhirt nó sásamh do bheith agat asam-sa, ná bíodh, agair ar an nduine cóir iad.

díoghaltach: (**díoghaltaiseach**) *a.* fonnmhar chun cúitimh nó sásaimh do bhaint amach as dochar nó tinneas, mar bheadh gortughadh in aghaidh gortuighthe; miosgaiseach, cnuimheamhail. Gan aon mhaitheamhnachas ag baint leis ach díoghaltach ar aonne a dhéanfadh rud dá luighead as an slighe air: a aigne ar é féin do shásamh as. An iongnadh aigne dhíoghaltach do bheith ag an Almáin don ndream a cheap a claoidheachtaint?: fonn chun díoghbhála do dhéanamh. Cúis do bheith amuigh agam, sin é fáth go bhfuilim chómh díoghaltach a's go ndéanfainn a mbascadh: m'aigne claon ar míoghníomh. Troidfeam go díoghaltach namhaid ár dtíre: cúiteócham ár scrios-na le scrios do dhéanamh ortha. A Dhia! ná bí díoghaltach orm, peacach dearóil mar me: ná bain cúiteamh as an olc.

díoghaltas: *f.1.* cúiteamh éagcóra; aithbhirt; agairt. Díoghaltas do chortha ort!: gach nidh atá déanta mícheart agat, a shamhail go ndéintear ort. Beidh díoghaltas agam asat as mo chos do bhriseadh: déanfad díochúis chómh mór ort-sa. Leigfead tharm é, beireadh sé a dheileamhas chun duine éigin eile, níl aon fhonn díoghaltais orm: aon rud do rádh ná a dhéanamh mar é: an déanamh céadna do thabhairt do. Bí sochma a's ná bíodh díoghaltas agat d'aonne: drochaigne: mioscas. Gnóth mall a's díreach díoghaltas Dé: bíonn Dia foidhneach, ach caithtear drochchortha do chúiteamh leis. Is liom-sa (Dia) an díoghaltas: is é mo cheart-sa amháin etc. A cháride ghrádhacha, ná déinidh díoghaltas ar bhur son féin acht fanaidh leis an bhfeirg, óir tá sé scríobhtha 'Is liomsa an díoghaltas; do bhéarfad cúitiughadh (uaim)' a deir an Tighearna.

díoghbháil: *b.3.* gortughadh, olcas; ceal; foghail; aimhleas; dochar; lat; bárthan; bascadh; cabhán (cuirp); iomard, ósbairt, máchail, masla. Gan a dhíoghbháil féin ní misde dho dhuine bheith fial, tabharthach: gan é bheith i ndochar dá dheascaibh. Díoghbháil na gcéadta an biadh dí-bhlasta san d'itheadh: conntabhairt mhór chuirp. "Díoghbháil nár né sé dhuit" (rádh): lé duine lé linn ólta nó ithte dho fé thuairm a shláinte. D'aithnigheas ar an ngruaim a bhí air go raibh díoghbháil ar bórd aige: fonn basctha dhuine éigin. Chuir sé an dlighe orm i dtaobh mo chuid eadála bheith i ndíoghbháil air: ag déanamh foghla ar a chuid talmhan. Níor leath liom an té go raibh cúis aige orm díoghaltas do bheith uaidh, cad é an díoghbháil dom san ach mo dhaoine muinnteardha do theacht chun a gcónganta: sin é an rud a chuirfeadh an t-iongnadh ort. Cad é an díoghbháil dom fear d'ólfadh braon a's dhá bhraon, ach an súcaidhe a gheóbhfí sa díg leis: ní thógfadh duine aon cheann de ach etc. Ní fhéadfainn bríc aráin do cheannach dom féin de dhíoghbháil airgid: easbhaidh: é gan a bheith agam. "Tá do luach féin de dhíoghbháil déanta agat" deirtear le haonne a dheineas laitiméireacht mhór ar rud a bheadh sé a dheisiughadh nó a shocrughadh. Cuir an fear ó dhíoghbháil: é do cur sa tslighe sin: é do spochadh nó do choilleadh. Lé díoghbháil (a dhéanamh) atá an scian dhá bhagairt aige: inntin díoghbhála. Beireadh sa díoghbháil air: ag goid nó déanamh ruda as an slighe. Is mó díoghbháil ná

maitheas dom an oiread bó do bheith agam, mar ná fuil a gcomhthrom talmhan agam: cúis díoghbhála. Cad é an díoghbháil?: cén dochar? ní faic sin.

díoghbhálach: *a.* goirtightheach, laitightheach; dochrach; goirtighthe, laitighthe; lochtach. Toisc an ime bheith díoghbhálach, go raibh blas air, níor ghnóthuigh sé luach mór: lochtach: cáimeach. Níl aon rian lasmuigh air, gortughadh ná cneadh, laistigh atá sé díoghbhálach: máchaileach: goirtighthe. An díoghbhálach dom biadh d'itheadh, a dhochtúir?: an ndéanfaidh sé árdughadh ar mo bhreóidhtigh? Budh dhíoghbhálach an phléasc do fuair an long go ndeaghaidh sí ar tóin puinn i ndeich nóimintidhe: bascuightheach: a dhein dochar mór. Feóil, iasc etc. díoghbhálach: máchaileach: ná beadh leasuighthe 'n-a cheart. Seachain thu féin ar an nduine sin, fear díoghbhálach seadh é: duine a dhéanfadh do dhíth agus gur chuma leis. Chaith sé luibheanna díoghbhálacha a chuir 'on chré é nách mor: neamhfholláin.

díoghlaim: *b.a.* agraim, aithbhrim. Díoghlann sé gach éagcóir ar lucht a ndéanta: baineann sé cúiteamh amach as gach. "Díoghlfaidh sé fuil a shearbhfhóghantach agus cúiteóchaidh sé díoghaltas lé n-a namhaid" (Deut. XXXII. 43): bainfidh sé éiric amach le fuil nó ar chuma éigin.

díoghrais: [**díograis**] *b.2.* cion, grádh, searc, dílse(acht), dúthracht. "Ní tú gur fritheáladh ar dtúis air, cé gur tu budh ghiorra de chnámh aca" – "ó! nár airighis riamh, "deireadh don ndíoghrais": gurb iad na daoine is mó a thuilleas a gheibheas díg nó an déanamh deireannach: sé an cara croidhe go minic ná faghann tosach. Bean fhial a thabharfadh biadh don mbocht lé díoghrais croidhe: gan doicheall. Níor mhaith liom cur isteach oraibh nuair chonnac i ndíoghrais cómhráidh sibh: ag cainnt lé chéile go dúthrachtach, muinnteardha. Thug sé díoghrais oibre uaidh faid bhí sé aca agus fuair uatha gradam 'n-a choinnibh: dúthracht agus dícheall. Labhair sé le díoghrais in aghaidh buannaidheachta i mbréithribh líomhtha, croidheamhla. Ag guidhe lé díoghrais chun Dé an rath do bheith ortha: ó chroidhe amach, le searc.

díoghraiseach: [**díograiseach**] *a.* ceanamhail, grádhmhar, dúthrachtach, i ndáiríribh; fonnmhar, rúnmhar. "Mise go díoghraiseach agat": le cion agus meas. Scríobhas chuige go díoghraiseach teacht chun a charad a bhí ar thuilleamh báis: go hathchuinghteach: go tathantach. Saighdiúiridhe díoghraiseacha ná cúlfadh ó namhaid: misneamhla: rúndaingneacha. Bhíodar ag cur do thuairisce go díoghraiseach ghá fhiafraighe connus bhí an saoghal a's an tsláinte leat: go ceanamhail. Budh dhíoghraisighe d'oibrigheadh na fir do a's é as láthair, mar saoiste maith dob eadh é: níos fonnmhaire.

díol: *f.3.* dóthain, lándóthain; cómh, (a) chomhthrom (de); an oiread, a luach nó a fhiacha; cúiteamh; cion; dán; críoch; do mhalartughadh (ar); an luach do thabhairt (ar); do shásamh lé n-a chomhthrom do thabhairt i gcoinnibh ruda nó as mhargadh. Mhairbh an gluaisteán í agus fuair a hathair míle púnt ó lucht an urradhais i ndíol a báis: i gcoinnibh: mar éiric nó sásamh. Fuaireas bó uaidh agus thugas dhá ghamhain do 'n-a díol: mar luach sásamhach margaidh nó malarta. Ar son carthanachta agus i ndíol mo pheacaidhe deónfad mo shaidhbhreas saoghalta lá mo bháis: i gcúiteamh nó i gcomhthromughadh. Cé dho go bhfuil an seic seo i ndíol?: go bhfuil a shuim ag dul chuige. Fan, tá coróin eile ag dul i

ndíol duit: ag teacht chughat. Mar bharr díola as bhiadh do thabhairt dos na máirnéalaigh fórghala gheobhaidh siad púnt as an nduine aca: mar luach as a rabhadar siar leis. Taidhbhsigheadh di féin gidh í bheith saidhbhir agus eisean bocht go raibh a díol de chéile ann: fear maith a dóthain nó oireamhnach di. Gheibheann sé a dhíol de bhiadh, pé locht atá ag eisean air as an salacharáil oibre do dhéineann sé: oiread agus is fiú é. Tabhair dom mo dhíol de luing agus béarfad in aon chaladhphort ar fuaid an domhain í: long gur fiú me í. A lithéid d'fhear thuigseanach níl a dhíol de bheart aige d'oirfeadh sé in aon ionad árd: beart dréir a mhaitheasa: ionad go gcóimhlíonfadh sé a dhualgasaidhe (dualgaisidhe) go ceart. Cuir uaim do chuid ghearáin, ná bí ag fagháil lochta ar a bhfuil fachta agat, tá do dhíol den roinnt agat maidir lé fear: do chion: an méid atá ag dul duit dréir do chirt. An bhfuairis do dhíol airgid ar an dtigh: an méid a shásóchadh thu. Siúd an buachaill gurb air is fearr a dhíol gluaisteán do thabhairt lé tiomáint do: go bhfuil sé tuillte aige maidir lé siubhal do bhaint as agus aire do thabhairt do. Níl díol císte de phlúr istigh againn, caithfeam a thuilleadh do cheannach: oiread agus raghadh chun a dhéanta. Díol an fhir de chulaith éadaigh air: culaith maith a dóthain do. Thug sí a díol grádha do: an grádh do fuair sí nó a thuill sé uaithe. Bhris sé trí fuinneóga ar mo thigh ach beidh a dhíol sásta agam-sa as: luach an méid sin dochair: rud éigin do dhéanamh as an slighe air go mbeidh an oiread céadna caillte aige leis. Is olc an díol ort maith do dhéanamh duit, fear nár dhéin maith ar aonne riamh: is beag do thuillir é. B'olc an díol uaim air gan lámh chónganta do thabhairt do, mar níor dhearmhad sé féin riamh mise: níor thuill sé uaim an déanamh san do thabhairt do. Éirigh ón mbórd, is mithid duit do dhíol bídh bheith ithte agat, a shutha: cion fir: do shásamh.

díolachán: *f.1.* do thabhairt earraidhe ar airgead, gáineáil. D'éirigh sé as dhíolachán mar ná bíodh puinn tráchta: as mhalartughadh ar airgead. Tigh mór díolacháin óil: tigh a reiceas ar airgead ólachán. Nuair bhíonn an t-airgead flúirseach déineann siopadóiridhe díolachán: scaradaid lé n-a gcuid earraidhe ar airgead.

díolaidhe: *f.4.* duine a thugas uaidh airgead ar an rud do cheannuigheann sé. Mara bhfaghair an t-airgead síos uaidh eitigh é, mar droich-dhíolaidhe seadh é, ní bhainfeadh an diabhal féin as a chrúcaidhibh é ar cáirde: dune ná cóimhlíonann a dhualgas as earraidhe gheibheann sé.

díolaidheacht: *b.3.* an méid nó an rud do tugtar i gcoinnibh éilimh nó i ndualgas; cúiteamh; leórghnímh. Sid é an tríomhadh díolaidheacht agam as mo chraolachán: síntiús aonair as chraolachán ar cáirde. Dá mhéid do dheineas do go dícheallach sé díolaidheacht do fuaireas me do dhíbirt: íoc: an luaigheacht do tugtar i gcoinnibh mar shásamh. Fuaireas mórán rud uaidh nár thugas aon díolaidheacht riamh asta: aon mhaith do dhéanamh do nó sásamh in aont slighe ionta. "Bainfear díolaidheacht as an Almáin as réabadh na Pólaine", arsa Séambairléin: piolóid as a droichghníomh.

díolaim: *b.a. 7 n-a.* tugaim earra nó rud uaim i gcoinnibh airgid nó luach airgid. Díolaim stoc ar airgead lé: tugaim uaim do chách stoc agus gheibhim airgead dréir margaidh, olc nó maith ó chách as. Dhíol sé a thír ar bhreib: bhraith sé í: thug sé uaidh rún a cuireadh ar a iontaobh 'n-a taobh: mheall sé lé feall: thug sé uaidh nó scéidh sé rún: réab sé an mhuinghin is an iontaoibh fé rún do cuireadh as. Díolfaidh sé as lá éigin mara mbíonn sé

aireach: fuilngeóchaidh sé dochar éigin de chionn a bheart. Díol me!: tabhair dom a bhfuil agam ort. Níor dhíolas as an "aon" d'iompuighis: níor chuiris a mhalairt ar an gclár nuair thógais é as do dhéanamh (imirt chártaidhe). Is cuma cad dhéintear as an slighe mise a dhíolas as: mise a bhíos thíos leis: orm-sa théigheann an tinn. Ólann sé an iomad agus díolann tríd: fuilngeann mar gheall air. Dhíol an buachaill as an gcailín as dul isteach: ar a son: thar a ceann.

díolamhan: (**díolamhnach**) *f.1.* cladhaire, feallaire. lúbaire. Díolamhan bainisteóra a bhí ar an dtigh ósda ná bíodh na haoidheanna sásta leis an tslighe do thugadh déanamh dóibh: bainisteóir cam. Ghlacfadh aonne 'n-a charaid é ar an gcuma thláth 'n-a labhradh sé, ach ar ghabháil cao don ndíolamhan "chasfadh sé ar nós an deataigh ort": lúbaire. Teasbáin an té atá maith a dhóthain don ndíolamhan nár sáruigheadh riamh agus déarfad gur fear glic é: duine nách iontaoibh ná go gcasfadh ar thap an tairnge.

díolamhanta: *a. n-dh.* lúbach, cam, fealltamhail. Duine díolamhanta a scéidhfeadh an rún a cuirtear ar a iontaoibh: réabadh muinghine. Faic a bhuailfeadh leis ar bóiléagar thabharfadh fogha díolamhanta fé: fogha fill. Aspal díolamhanta a scéidh ar ár dTighearna: a réab an mhuinghin do cuireadh ann. Is díolamhanta liom thu chun iontaoibhe asat: neamhmhuinghineach.

díolamhantacht: *b.3.* (**díolamhantas, díolamhantaidheacht**) feall; feillebheart; cluainireacht; cealgrún. Dar lé Sasana gur díolamhantacht don Rúis teacht chun muinnteardhais leis an Almáin díreach ar an am go raibh sí ag dúmas muinnteardhais léithe féin: feall ar iontaoibh: malairt an nidhe a bhí aice dhá chur in iúil do Shasana. Thugas dhá phúnt do chun íoctha dhom, ach lé díolamhantacht chongaibh sé ceann aca: lúbaireacht: cleasaidheacht cham: neamhchomhall an nidhe go raibh iontaoibh a chóimhlíonta as.

díolamhnach: *f.1.* buachaill "breágh"; cleasaidhe gur deacair a shárughadh. Cogar, a dhíolamhnaighe, b'fhearrdide thusa tu d'fhanacht socair agus do chuid "bóithre beaga" do chaitheamh uait. "Tá an díolamhnach agam anois": déarfá nuair éireóchadh leat rud éigin deacair do ghnóthguadh. Díolamhnach duine, ainmhidhe, glais etc: a bheadh a dul díot.

díolfiach: *f. n-dh.* díolaidheacht, luaigheacht; cómhardughadh; cúiteamh; éiric san rud a dlightear dinn. Tugadh mo dhíolfiach chun mo shásta dhom, dhá chéad púnt nuair dóghadh mo thigh: luach i gcoinnibh mo dhochair. Díolfiach suarach do gheibheann saighdiúiridhe as bheith ag cómhrac go duaibhseamhail, anacrach, scilling sa ló!: luach saothair: luach a bhfóghnaimh. Seo deich bpúint duit agus sin é mo dhíolfiach leat-sa: leórghnímh as an méid atá ag dul duit uaim. Sé díolfiach do cuireadh air as bheith ar meisce i bhfeighil gluaisteáin púnt do chur i gcófra na mbocht: sin é duaidhnéis do cuireadh air. Beidh mo dhíolfiach agam-sa fós as ar deineadh orm: sásamh mo dhochair.

díolta: *a.r.* cúitighthe, a luach a bheadh tugtha, braithte. An bhfuilir díolta anois ar an méid sin mar luach saothair as a bhfuil déanta agat?: an bhfuil do choisce (airgid no eile) ann? Tá díolta go maith aige as an rangás: d'éirigh ósbairt do as an seódh a's an scléip.

Cad gearán so ort, táir díolta go maith as do dhuadh: cúitighthe. Deir mórchuid go bhfuil an Phólain díolta ge Sasana a's ag an bhFrainnc, ná téighid chun a cabhartha tréis a ngeallamhna: feallta uirthe.

díoltach: *f.1.* (**díoltóir**) duine a thugas dá mhaoin nó dá acfuinn in aghaidh fiach; duine a thugas i malairt. Is annamh riamh a chuaidh sé i leabhar aonne, díoltach maith é a thugas an t-airgead síos: na téigheann i leith cáirde. B'é an díoltach earraidhe budh mhó ar an mbaile é: scaradh sé lé trí nó a cheithre oiread as thighthibh eile: tabhairt amach ar a luach "buailte".

díomaidhse: *b.4.* roilleach, neamhscabhárdacht, neamhthathag, caol, dearóil. "Drochchailínidhe aimsire gan aon chríochnughadh oibre atá ag imtheacht anois a dheineas díomaidhse an domhain ag cócaireacht bídh": roilleach: díoghbháil lé ceal aire. Bhailigh sé chuige an díomaidhse a bhí i ndiaidh a chulaithe chun a deisighthe 'n-a dhiaidh san: na blúiridheacha nár baineadh áis asta. Bhraitheas díomaidhse an éadaigh idir mo mhéireannaibh, d'aithnigheas ná beadh sé buan: neamhscabhárd: tanaidheacht. An plúr a thagadh lé linn Chogaidh an Domhain budh dheacair arán do dhéanamh de lé n-a dhíomaidhse: gan gile; gan dlúthas, ar nós na mine: ceal an mhianaigh chirt: plúr lochtach dob eadh é. Dóirse díomaidhse atá ar an sean-bhathalach tighe seo, an ghaoth 'san ghrian tríotha: dóirse gan tathag: gan chosaint síne.

díomaidhseach: *a.* scaipightheach, bóiléagarach, caithteach, droichídeach; lochtach, go mbíonn roiligh ag baint leis. Feóil dhíomaidhseach í sin, tá an iomad cnámh innte: níl ídeach dréir a meádhachtaine innte. D'ith na luchaigh an stáca, eórna dhíomaidhseach a bhí ann: mórán lócháin uirthe. Na boscaidhe feóla tháinig leis an bhfarraige bhíodar an-dhíomaidhseach, mar lait an sáille an chiumhais amuigh aice: lochtach: dochrach: díoghbhálach. Bíonn tusa ró-dhíomaidhseach ar fad ar airgead nuair bhíonn sé agat, bíonn sé ag dóghadh do phócaidhe: scaipightheach: droichidightheach air. Sonas díomaidhseach atá agam, mar d'aindeóin m'acfuinne shaoghalta tá díth na sláinte orm: sonas a thaidhbhsigheas ann a's ná fuil.

díomhaoin: *a.* neamhthairbheach, follamh, gan bheith gabhtha; neamhphósta, aontumha, baoth, suarach; maoidhteach; neamhghnóthach, leisceamhail, leasc, seafóideach; liosta; in neamháis. Geallaim gur beag é ár ngnóth, bímíd leath-díomhaoin furmhór ár n-aimsire: gan puinn dhá dhéanamh againn. Ní díomhaoin do chaith sé a shaoghal agus a rian air, tá rud aige: gan bheith ag soláthar. "An rud dhá dhéanamh agat?" – "chómh díomhaoin le bacach a chaithfeadh a mhála de" (rádh): gan faic in ao'chor idir lámhaibh ná ag déanamh mairge dhom. Dearg-dhíomhaoin do chaitheann san a shaoghal, an fuairthéidh: gan ghnóth ar bith ná taidhreamh air. Is iomdha glór díomhaoin id cheann: mór iad na nidhthe gan deallramh, gan bun a thairng ort féin gan tuisgint agat ortha nó cur leó agat. Talamh dhíomhaoin an cnoc carraigeach, garbh san: gan toradh. "Is fearr bheith díomhaoin ná drochghnóthach" (seanfhocal): is fearr gan iarracht do thabhairt ar aon rud ná díoghbháil do dhéanamh nó bheith i mbun ruda neamhthairbhigh. An fada atá an tigh sin díomhaoin: gan aonne bhith chun cómhnaidhthe ann. Suidh sa chathaoir, tá sí díomhaoin: gan í bheith gabhtha: gan neach do bheith innte. Is díomhaoin an obair ó airgead í: obair ná fachtar faic nó puinn dá barr. Ní mór an truagh duine díomhaoin scurtha seachas daoine pósta,

cloinne: aontuma. Budh dhíomhaoin í m'athchuinghe air, fanamhaint socair: gan tor(adh). An chos so liom atá gan mhaith le fada, tá sí chómh díomhaoin lé lúidín an phíobaire: gan chúram, gan áis ar bith. Beidh do thurus díomhaoin dul ag lorg oibre i mbaile ná fuil sí, mo thuairm: gan tairbhe. "Is tú a chuir isteach an lá go díomhaoin ar do pheann" ars an feirmeóir leis an gcléireach: gan puinn duaidh ná greithileáin ('e bhreis air féin). Cuirir díomhaoin me lé n-a bheith ag teacht treasna orm: bunóscionn. Chuir an dlighe díomhaoin as udhacht a fir í: níor mhol an chúirt pingin di. Daoine fuara, díomhaoine a leigeas dá mnáibh an obair do dhéanamh: gan aon ghnóth 'n-a chúram ortha. "Raghad 'on Daingean ambáireach" – "táir díomhaoin do dhóthain chuige sin" (seanbhlas): níor bh'fhearr leat gnóth do bheadh agat (b'é budh thaithneamhaighe leat). Cuireadh mála trom orm-sa, ach tháinigis-se díomhaoin: gan aon ualach. "Cuireann an fhallsacht i gcodladh throm, agus fuilngeóchaidh an t-anam díomhaoin ocras": an t-anam ná deintear saothar ar a shon. D'imthigh m'urchar díomhaoin: chonnsuigheas (theip orm) an cómhartha caimse do bhualadh. Bean a imthigh díomhaoin dob í: gan chlann. Ní fhéadfaimís bheith níos díomhaoine: ar níos lugha fagháltais do shaothrughadh.

díomhaoineas: (**díomhaointeas**) *f.1.* neamhfhonn oibre, baois, neamhthairbh; neamhchúram. Ghaibh an díomhaointeas lastuas de, an diabhal faic do dhéanfadh sé: tréanas ar obair: séanadh oibre. Seadh, mara bhfuil obair againn tá díomhaoineas againn: níl aon stros orainn. Níl ach díomhaoineas bheith ag brath ar aon rud do dhíol indiugh: feighil gan faic dá bhárr. Ní ceal gnótha dho é ach an díomhaoineas: neamhfhonn aon ruda do dhéanamh: gheóbhadh sé cúram dá mb'áil leis é. "...agus iomad díomhaointis a bhí innte féin agus ina hingheanaibh, ní mo do neartuigh sé lámh an bhoicht nó an riachtanaigh" (Eseceil XVI. 49): leisceamhlacht. Lé corp díomhaointis d'imthigheadar leó ó n-a gcúram ar Aonach an Phuic: lé leisce oibre agus fonn a n-aoibhneasa. Rian ní dhéanfadh sé anois tá an díomhaointeas dulta 'n-a chnámhaibh: calcuighthe ag an leisce roim lámh ná cos do chorruighe chun gnótha. Díomhaoineas bheith ag cainnt lé duine neamhthuir: caitheamh aimsire. "Díomhaoineas na ndíomhaoineas" ars an seanmónaidhe, "díomhaoineas na ndíomhaoineas, díomhaoineas an uile rud": baois, rud gan bhail, gan tairbhe: neamhdhearbhacht. "Do chonnac na huile oibreacha dá ndeárnadh fén ngréin agus féach, díomhaoineas uile iad agus buaidhream spiride": nidhthe gan tairbhe: saothar baoth. Seachain díomhaoineas an tsaoghail seo i leith t'anama: ceal tairbhe gan saoradh an anama: aoibhneas ná bíonn an tsíoraidheacht dá bharr i ndeireadh na dála: blomas: áibhéis: uallachas. Ithte gen ndíomhaoineas (rádh): lán de.

díomas: *f.1.* drochaigne; olc (aigne); anchroidhe; míorún; díoghaltas; malluightheacht. Is fada an díomas istigh ag Sasana agus an Almáin: an fonn díthe agus dochair do dhéanamh dá chéile. Bhuailfeá me, a's níor bh'é leath do dhíomas dom é: is é is beag leat a ndéanfá de dhochar dom: fonn fíochmhar díoghaltais chugham. Corr-each go raibh díomas na gcéadta innte, d'íosfadh sí lé n-a fiacalaibh thu agus speachfadh lé n-a deireadh: malluightheacht: tugtha do dhroichchleasaibh: mí-iomchar. Tá daoine ann go mbíonn díomas aca leis an ndream go n-éirigheann leo: drochaigne: éad agus formad fé n-a maith. Lucht díomais a chuimhneóchadh go lá a mbáis ar an éagcóir is lugha: claon lé díoghbháil do dhéanamh.

díomasach: *a.* drochaigeanta, claon lé déanamh díoghbhála; malluighthe, domhaitheach. Thug sé iarracht ar me do bhualadh go díomasach le tuaigh, b'é toil Dé go ndeachaidh sí díomhaoin: le binb: fíoch agus drochaigne. Beidh ár dtriall ar shlighthe díomasacha más gábhadh é chun ár n-éagcóra do dhíoghal: neamhchoigilteach don ndream go mbeam ag agairt ortha. Diabhailín díomasach seadh é, ná tabhair faic lé rádh dho: lán de ghráin le fonn gortuigthe nó sáruighthe: olcamhail: aingidhe. Díoghbháil dhíomasach dob eadh mo thigh do dhóghadh orm: díoghbháil lé fuath agus olc aigne. Ainmhidhe díomasach seadh an raga capaill sin, bhuailfeadh speach mharbhthach ar luighe na súl ort: droichmhianaigh. Ná bí chómh díomasach san a's go ndéarfá "go mbeiridh an diabhal thu leis" le haonne: chómh leagtha in aigne lé n-a bhascadh.

díombáidh: *b.2.* mío-ádh; buaidhreamh aigne; brón, truagh, duairceas, droichmhisneamhlacht. Cuireann an cogadh so, nách feas cad é an deireadh a bhéas air, díombáidh ar leath an tsaoghail: droichmhisneamhlacht: buaidhreamh aigne. Is mór an díombáidh liom nár éirigh leat: is oth liom thar na beartaibh é: rud ná taithnigheann liom beag nó mór é. Díombáidh ar bith ní chuireann sé orm gan cuireadh chun na bainise d'fhagháil: neamhchoinne: míoshásamh mian. Díombáidh dian don ndúthaigh dob eadh bás ár n-uachtaráin: brón: cailleamhaint. Ná tagadh aon díombáidh ort tabhairt fén bhfarraige, beir ar luing mhaith: ceal meisnigh. Mo dhíombáidh é!: mo thruagh é (i ndáiríribh nó i magadh). Díombáidh dob eadh gur goirtigheadh an t-imirtheóir dob fhearr againn: mío-ádh gan choinne.

díombáidheach: *a.* brónach; sáruightheach, sáruighthe; truaighmhéileach. A mbriseadh a's a mbrughadh ar thóin na farraige níor dhíombáidheach liom san: brónach. Is díombáidheach an rud d'fheirmeóiridhibh gan luach do bheith ar thoradh na talmhan: sáruightheach: míodhóchasach. B'é budh díombáidhighe dhom ná raibh aon teacht amach ach tríd an ndoras agus bhí an glas air sin: budh sháruighthighe: is mó a chuir as dom. Scéal díombáidheach ge na díleachtaidhibh bochta seadh é iad bheith chómh hóg: truaighmhéileach: duairc.

díombail: *b.2.* díoghbháil; aimhleas; míoshonas; míomhaitheas. Nára díombail dhuit do turus: go n-éirighidh sé leat. An piléar a chuaidh im chliathán dhein sé mo dhíombail, bhris sé easna: díoghbháil. Díombail d'Éirinn seadh an cogadh so, cé í bheith neamhthaobhach, goillfidh sé uirthe in onnmhuiridhibh agus in allmhuiridhibh: cur siar: dochar. Díombail 'n-ár measc thu, mar is mó d'íosfair ná dhéanfair: ní maitheas ar bith thu ach iomard. Aire níor thug riamh dá thurasdal ach é d'imtheacht uaidh ar díombail: 'n-a roilleach: anaiste, bóiléagar: gan a chur i gcrích chóir. An té ná glacann cómhairle a dhíombail féin: aimhleas: dochar.

díombaileach: *a.* dochrach, díoghbhálach, díomaidhseach. "Iarrachtaidhe díombaileacha" arsa Sasana, "atá ag na háthraighibh fé uisce dhá thabhairt fé n-ár dtrádáil do bhriseadh": gan buaidh. Bliadhanta díombaileacha do chaith sé san Oileán Úr, feóirling níor chruinnigh sé: gan rath: caithteach. Fear díombaileach i dtigh é ná deineann gnóth ná cúram: nách sochar a bheith ann.

díomblas: *f.1.* leamhas, searbhas, ceal blais. Tháinig díomblas ar an iasc cheal a dhóthana salainn: blas neamhnádúrdha. I ndiaidh a chéile tháinig díomblas aca air nuair nár dhein sé dréir a dtuairme as: míothaithneamh: míchion. Díomblas ar fad do fuaireas uaidh, gan oiread agus focal mín ná mánla: searbhas. Cé hé ná beadh díomblas air leat gan tuath do chur ann ar labhairt leat: míothaithneamh.

díomblasta: *a. n-dh.* gan blas, taithneamh, leamh, searbh. Im díomblasta déanta as uachtar griosálta ná féadfadh aonne teacht 'n-a ghoire: gan an blas ceart, nádúrdha. Budh dhíomblasta lé Séambairléin an forálamh síothchána do thairg Hitlear: ní raibh sé chun a shástachta. Agus is é bheannuigh dhúinn go díomblasta: go deaghmhaiseach.

díombuaidh: *b.2.* an briseadh, "cur an lae ar"; mío-ádh, míorath. Dá antréine a bhíos fear cuireann an bás díombuaidh air: gheibheann an lámh uachtair. Ní indiugh ná inde do lean an díombuaidh me, rud beag seadh airgead do chailleamhaint seachas rudaidhe eile: tárlachaint bhascuighthe. Díombuaidh ort! maran me atá clipighthe agat: míorath ort!

díombuaine: *b.4.* gearrshaoghal, duthaine; meathtacht, leóchaileacht. Chaitheas uaim an cineál tobac san lé n-a dhíombuaine, d'ólfainn ceathramha phúint sa ló dhe: neambuancas: ceal seasamhachta: sochaithteamhacht. Leaghadar go léir, bhí díombuaine saoghail ortha, an snoighe ag gabháil díobh: mío-mharthanacht: ceal seasamhachta: giorracht: duthaine. Mairg an té a chuireas a spéis i ndíombuaine an tsaoghail seo: ná fuil againn ar an gcuid is mó dhe ach áirighthe gearra, neamhchinnte bliadhan. Díombuaine ban: luathinntine. Mo dhíombuaine dul ar seachrán: peacaidhe do dhéanamh.

díombuan: *a.* corrach, neamhshuaimhneasach, duthain, lag, leóchaileach, gearrshaoghalta, sobhriste, sotheipe. Móin díombuan í sin, ritheann an teine tríthe gan mhoill: sochaithte. Daingnigh an chloch san tá sí díombuan chídhm ag corraighe í: neamhshocair, guairneánach. Treibh gur lean galar cléibhe éigin iad, go rabhadar uile díombuan: saoghal gearra aca. Áraistidhe díombuana seadh na cupaidhe sin, táid anthanaidhe: lag, dearóil, gearrmhairthineach. Díombuan liom do gheallamhaintidhe: ní gnáth leat a gcóimhlíonadh.

díombuidhe: *b.4.* ceal buidheachas, ceal dualgais do chóimhlíonadh lé fear na maitheasa. Níor thuill sé aon díombuidhe uaim, mar budh mhinic do chuir sé fé chomaoin maitheasa me: iomchar ceal fonn cúitimh maitheasa. Thugas do pé uair do loirg sé orm; nuair loirgeas air d'eitigh sé me; sin é a díombuidhe: easbhaidh fonn na maitheasa i ndíol na maitheasa.

díombuidheach: *a.* (*-dhtighe*) bheith ar easbhaidh mothála maitheasa do dhéanamh ar son maitheasa; míoshásta. "Buidheach nó díombuidheach den lá, a Sheáin?" – "díombuidheach, níor dhíolas faic": míoshásta. Beir díombuidheach díot féin, mara dtugair aire dhuit féin ar an bhfaill sin: beir in aithreacahs, mar is dóichighide go n-éireóchaidh rud éigin duit. Is deacair cóstáil leat, bheidhfeá díombuidheach den saoghal dá fheabhas bheadh sé leat: amuigh leis: leamh de.

díon: *f.1.* clúdach cosanta, ceann tighe, cosaint; scairt do chosaint; cosantóir; ionachlann; cleathach; mullach. A Thighearna, déin díon dom ar namhaid m'anama: congaibh ó bhaoghal me. Ní díon tigh ná uile ar na pléascánaibh aoir seo, mara bhfuil múcháin thalmhan: áit shábhálta. Díon maith síne an chasóg mhór olna san: earra mhaith chun cosca. An bhfuil na bróga san díon-uisce: i ndán uisce do chongbháil amach. Árus díon-aoir é seo: ná scéidhfeadh aer amach as ná isteach ann. Bíonn an aisbeist díon-teine: gan beann air. Is beag tigh díon-tuighe san áit anois ach tighthe díon-slinne ó bhain na daoine tairbhe as scéim na tógála: clúdach: buaic: ceann. Ní raghadh an tráthar choidhche i ndíon ar an adhmad chruaidh sin: ní threighfeadh. Do chuaidh an namhaid i gcoim na hoidhche trí míle i ndíon ár gcosanta: pholladar rómpa. Caith díot cuid den ndíon!: bearraidh an folt san ort. Eagla a chúl dín a staon mé ar dhul i dtreis leis: a thaca leanamhna. Ní díon duine ná áit dom ar an mnaoi atá agam: bean uathbhásach, chiapuightheach. Eitigheadh díon oidhche orm ar an mbaile míofháilteamhail: níor tugadh dom bheith istigh ó spéir na hoidhche. "Éirighidís suas, tárthuighidís sibh, bídís 'n-a ndíon agaibh" (Deut. XXXII. 38): scáth ó olc. "Dá bhfaghadh an lag díon ón neart, níor thugtha dhóibh go cóir a ndáil do cháiseamh" (Suibhift). Is é ár ndíon cur le chéile: ár sábháil. Is maith an díon cos iad san ort: bróga. Díon Shasana a loingeas: is uirthe atá a seasamh.

díonach: *a.* cosantach; cosanta; fálta. Creid uaim-se go bhfuil an Fhrainnc díonach a dóthain d'aon namhaid ar an dteórain agus maran díonaighe an Almáin ní lá fós é: fé dhúntaibh tréana. Doras láidir, díonach nách mbraithfeadh gaoth ná báisteach: daingean, dlúth. Soitheach díonach ná leigfeadh braon uisce as: gach stabh dlúth ar a chéile. Téighir in áit éigin dhíonach ón stoirm: go mbeidh scáth agat ann.

díonacht: *b.3.* cosaint, daingniughadh, teinne. Cad é an díonacht atá agam-sa uait ar me dul in urradhas ort? bheith saor ó eagla, conntabhairt nó dochar: cad air go dtiocfad má theipeann ort do gheallamhaint do chóimhlíonadh. Caitheadh an t-aimeón airgid ar dhíonacht an chuain: é do chur ó bhaoghal tógála ag namhaid nó ó chonntabhairt na farraige: aon rud do tugtar mar gheall mar i ndíolaidheacht fiach nó cóimhlíonadh cuir.

díonadh: *f.* (*-nta*) do chosaint, do chur cinn nó clúdaigh ar, do dhéanamh daingean. Ag díonadh an tighe: ag cur cinn nó buaice air. Rugas ar arm díonta agus bhuaileas stiall ar an leómhan: rud chun an leómhain do chongbháil uaim nó chun a ghortuighthe. Ar na báillidhe féin bheith ar do thóir, tá fear díonta agat ionam-sa: duine a íocfas t'fhiacha nó a chongbhóchaidh uait iad. Cuir bunach sa tsoitheach chun a dhíonta: ná beadh léig ann. Is eagal liom nách féidir liom tu do dhíonadh a thuilleadh mar tá scéidhte ort agus beifear chugat: fothain agus daingneacht do thabhairt duit.

díonadóir: *f.3.* eiligeóir, tuigheadóir, slinneadóir; cosantóir. Díonadóir tuighe a's slinne dob eadh é: b'fhéidir leis ceann do chur le tuighe nó slinn. Nuair fuair a muinntir bás cuireadh gaol 'n-a dhíonadóir ortha go rabhadar in aois: duine gurbh é a chúram go bhfaighidís oileamhaint.

díonaim: (**díonuighim**) *b.a.* clúduighim, cosnuighim, cuirim ceann ar; comruighim, daingnighim. Díonann an claidhe árd an stoc ar an sín: ní leigeann don sín teacht ortha.

Mianta a dhíonas béal an chuain ar luingeas cogaidh: a thugas cosaint agus sábháltacht do.

diongbháil: [**diongmháil**] *b.3.* do chosaint, do chúladh; cómh; comórtas; daingniughadh. Ar an ndiongbháil atá déanta ag an bhFrainnc ar a teórain mo thuairm go bhfuilingeóchaidh sí aon ionnsaighe: daingniughadh éachtach le dúntaibh a's fearas cogaidh. Abha dhiongbhála ar an dtigh í: go gcoimeádfadh sí a dhíoghbháil uaidh. Bhí ag rith riamh leat ach tá do dhiongbháil istigh leat anois (fear do dhiongbhála): do chómh: comórtas. "Tabhair claidheamh mo dhiongbhála dom", arsa Muiris an Chipín, "a's raghad ar pionnsa lé laoch san Eóraip!": claidheamh gur fiú me a bheartughadh: toghadh claidhimh. A dhiongbháil d'fhear níor bhuail riamh liom: fear chómh maith. Dá diongbhála ataoi dhíot féin gheóbhair amach duit go bhfuil dearmhad ort: dá dheimhnighe, dá "shiúrálta". An bhfuil aon diongbháil agat ar an ráfla gur cuireadh síos long eile indé?: deimhniughadh. Siúd é an fear ná fuil diongbháil a nirt in easnamh air: cruthughadh: cumas a chur in iúil.

diongbháladh: *f.* (*-lta*) daingneacht, teannacht; dochorruightheacht, iomláine. Lé diongbháladh an fhir gheóbhadh sé cáirde in aon áit: an meas gur bh'fhiú san é. Diongbháladh na bhfallaidhe atá fé siúd lé beann aige ar aon namhaid: neart a's críochnughadh thar barr. Troigh ní chúlfadh sé go bás lé n-a dhiongbháladh: daingne misnigh agus rúin. Diongbháladh an bháid ar an uisce ba dheacair a hiompódh: socracht: neamhchorruightheacht.

diongbhálta: [**diongmhálta**] *a.r.* "láidir ar", lándeimhnightheach; curtha go daingean; daingean i ngreim; foirbhthe; teann. Creidim go diongbhálta in aon Dia amháin na dTrí bPearsan etc.: gan aon amhras: ní féidir a mhalairt a chur 'n-a luighe orm. Cara i gcruadhtan an cara diongbhálta: an té gur ceart an ainm do thabhairt air. Dá me thu bheinn diongbhálta i dtaobh na hagó úd do chur sa mhargadh: d'áiteóchainn a chur ann. Daoine diongbhálta dar leó féin seadh lucht airgid: daoine acfuinneacha gur chóir a meas go hárd. Bead diongbhálta a dhóthain leis ná bíodh eagla ort: teann; neamhghéillte.

díonmhar: *a.* cosantach, fothaineamhail, sábhálta. Ní cuan díonmhar cuan Fhinn Trágha: ní ceaptar é a bheith sábhálta ar uainibh áirighthe. Fearannbhaile díonmhar i ngabhal cnuic: a bhfuil suaimhneas ó shín aige.

díonta: *a.r.* clúduighthe, scáthuighthe, cosanta; gan cead ag gaoith ná ag uisce ná ag teine. Tigh díonta le tuighe (slinn, cloich, etc): san mar mhullach air. Bíodh do thigh díonta in aghaidh teine agat, déin árrachas air: cosanta go bhfaghadh díol 'n-a dhíoghbháil. Bhíos díonta go maith acu, dá mhéid cuardach do dhein an lucht ceannais ní bhfuaireadar me: fé cheilt.

díorma: *f.4.* slua, buidhean, cuideachta. Díorma fear dob fhearr 'ná lucht trodta na ndubhchrónach budh dheacair d'fhaghail: scata fear lé chéile. In aimsir na "mBuachaillidhe Bána" bhíodh díormaidhe eile ag déanamh cortha do cuirtí 'n-a leith súd: scataidhe: gasraidhe. Bhíomair ann i ndíorma ólacháin: i gcuideachtain. A dhíorma bhacach!

díosc: (**dísc**) *b.2.* triomacht nó seascacht ainmhidhe, ceal uisce i dtobar; luigheadughadh ar. Tá na ba ag dul i ndísc: luigheadughadh ar a gcuid bainne (tá an bainne ag dul in adharcaibh na mbó). Téigheann an tobar i ndísc sa tsamhradh: ní thagann aon uisce ann. Cuirfir dísc ar do chuid airgid má bhír chómh caithteach: luigheadughadh. Dá mhéid bainne crúidhtí ón nGlas Ghaibhnigh ní raghadh an dísc choidhche air: thálfadh sí an oiread céadna gan stad. Bíonn ár gcion den mbaraille againn sula dtéighidh sé i ndísc: sara ndruididh sé lé tóin.

díoscaim: (**díscighim**) *b.a.* 7 *n-a.* triomuighim, luigheaduighim. Dísceóchaidh na haibhnteacha féin leis an spalladh so: ní fhanfaidh teacht aon uisce ionta. Ná dísc an t-uisce sin, teastóchaidh cuid de uaim-se: ná bain áis as ar fad. Dhísc na ba cheal cineáil: chuadar gan bainne de chionn gan biadh as láimh do thabhairt dóibh. Dísceochaidh an gort fliuch san leis an samhradh: imtheóchaidh an t-uisce 'n-a ghal.

dioscaim: *b.a.* bearraim, teascaim; sciotaim. Diosc an fál san: bearraidh é: cuir ar slinn é: bain an barr des na fáiseannaibh atá rófhada don gcuid eile. Nách gleóidhte diosctha atá a cúl: bearrtha go triopallach; in ionannas.

díoscar: *f.1.* cóip, bruithnisc, cuimreasc, graimirisc, gramhscar, sloigisc, dríodar (daoine). Bhailigh an daoscar 'n-a thímcheall agus bhascadar é: an dream budh shuaraighe den sluagh. Ar thógaint na cathrach ghaibh an daoscar ag goid 'sag fogha: sluagh callóideach na coitchiantachta. An daoscar sráide dob iad a chuideachta: an dream dob ísle a's budh neamhmíne.

diospóid: *b.2.* achrann, aighnis, iomarbháidh, earrad. Ag déanamh diospóide liom nár liom é, ghá dhearbhughadh go láidir gur leis féin é: áiteamh: ag déanamh argóna. Dheineadar diospóid ar neart na gcóimhghleacaidhthe: argóint ar son a's in aghaidh. Ghaibh diospóid an domhain uile leis an gclaidhe teóran san, do bhí go leór dlighe 'n-a thaobh: coimheascar; troid.

diospóideach: *a.* achrannach, iomarbháidheach, aighneasach, caismirteach. An chúig dhiospóideach a bhí eadrainn ní réidhteóchaimís 'n-a taobh gan dul chun dligheadóra: go raibh aighneas uirthe toisc ná haontóchaimís. Cúrsa diospóideach seadh an cogadh so, is furaiste fearg do theacht ar dhaoinibh 'n-a thaobh: so-leagtha lé troid: claonta chun achrainn do dhéanamh. Duine neamh-dhiospóideach ná tugann adhbhar ná cúis argóna d'aonne: macánta.

diospóir: *f.3.* áitightheóir, conspóididhe, imreasaidhe, argónaidhe, tagarthóir. Beir leat go raibh diospóiridhe maithe 'n-ár gcoinnibh agus cé gur bhuadhamair nách mór a bhí lé maoidheamh againn: daoine a chuaidh dian d'iarraidh an ruda a bhí uainn do bheith aca féin. Áiríghtear go bhfuil sé ar an ndiospóir is fearr sa Dáil, is beag duine ná cuireann sé 'n-a éisteacht: fear a áiteóchadh agus a chuirfeadh 'n-a luighe a bhréithre: argónaidhe.

diospóireacht: *b.3.* áiteamh, achrann, argóint, conspóid. B'fhearr gan aon nath do chur ann, ní bhíonn sé i ndáiríribh, cainnt ar son diospóireachta atá uaidh: d'fhonn a bheith ag

teacht treasna. Ráinigh diospóireacht sa Dáil idir an dá phríomh-chomplacht poilitidheachta ceaca ar bh'é leas na tíre fanamhaint neamhthaobhach nó gan fanamhaint, cainnteóiridhe ghá shuidheamh go fuaimeantamhail leigeant do lucht an achrainn, tuilleadh go láidir ag spriogadh luighe isteach: ag cur a's ag cúiteamh. Ní rachad chun aon diospóireacht leat bíodh a bhfuil uait agat a's fág mo radharc: cur id choinnibh lé cainnt. Aire na talmhan ag diospóireacht leis na feirmeóiridhibh chun breis curadóireachta bheith aca i rith an chogaidh: ag déanamh aighnis leo ar a son féin a's na coitchiantachta. As an ndiospóireacht i dtaobh an chluiche, gan iad féin do réidhteach lé chéile, d'éirigh buillidhe eatartha: an cath briathar, gach taobh ag tagairt a chirt féin.

díothach: *a.* cealmhar, easbhaidhtheach, lomscriosta, dochrach, siar de dheascaibh cailleamhna; millteach, creachtach; bochtán, duine dealbh. D'fhág a scaipightheacht féin 'n-a dhíothach é, gan dul ar airgead ná ar ór aige: gan faic. Tréis an chogaidh seo ar an tslighe atá luach gach aonnidh "imthighthe dho féin" a's gan aon déanamh ag daoinibh ní bheidh sa cheanntar so ach díothaigh: daoine dealbha. Táim díothach i gcluais liom, ní chloisim faic léi: máchaileach. Gan an-sholas ist oidhche ní fhéadfainn léigheamh, tá mo shúile díothach: lochtach, easbhaidhtheach: ceal ortha. An lámh dheas atá díothach, tá sí gan órdóg: easbhaidh iomláine. Sara raibh trí seachtmhaine cogaidh ann bhí an Phólainn bocht díothach go maith d'fhearaibh ar an ár salach a bhí ann: tubaistidhe troma.

díoth-chómhacht: *b.3.* ceal nirt nádúrdha, lagbhrigh, ceal bríoghmhaireachta, ceal cumais. Sasana agus an Almáin d'iarraidh a chéile do chur ar díoth-chómhacht: a lagughadh gan brigh. Coilleadh an bromach, a's tá ar díoth-chómhacht anois: níl ann síolbhughadh.

díoth-chómhachtach: *a.* neamhbhríoghmhar, lag, míthreórach. Chómh díoth-chómhachtach le leómhan go mbeadh a chuid fiacal agus leadán staithte: gan brigh cómhraic etc. Bean aimrid díoth-chómhachtach ar chlann do bheith aice: ceal feidhme nó fortamhlachta.

díothláithrighim: *b.a.* $_7$ *n-a.* cuirim as amharc nó téighim as; millim, creachaim, scriosaim ó bhonn, díscighim. Leis an uile shaghas gléas marbhtha de ló agus d'oidhche ag ionnsaighe a chéile sa trínsidhibh díothláithrigheadh a bhfurmhor: básuigheadh. Is fada an fiolar díothláithrighthe annso, gabhadh an gearrcach déidheannach trí fichid bliadhain ó shoin a's ceann ní feacthas ó shoin: scriosadh. An tsín 'san saoghal 'san aimsir a dhíothláithrigh fothaidhe Dhún an Óir: scrios. Tréis leathuair an chluig ar uachtar na mara don luing fé (thuinn) dhíothláithrigh sí: d'imthigh as amharc. An chómhacht a dhíothláithrigh fallaidhe an dúna, a réab soir siar iad níor bh'aon chómhacht mar mhagadh í: a chuir as ionad iad.

díothláithriughadh: *f.* (*-ithe*) scriosadh; creachadh; argain, bascadh, éirleach. Dar lé cuid mhaith gurb é díothláithriughadh loingis Shasana príomh-thoisc na hAlmáine chun síothchána do chur d'fhiachaibh uirthe: a briseadh a's a brughadh. Díothláithriughadh Bharsá b'é críochnughadh cailleamhna na Pólainne: a lomscrios. Is é an peaca díothláithriughadh an anama: a mhilleadh: a dhamaint.

díothnáire: *b.4.* easbhaidh náire nó banamhlachta; "éadan", deileamhas. Nách díothnáire a thógann sé a cheann i measc na gcomharsan a's a bhfuil de shluid aige uatha: gan ceannfé. Chuirfeadh a dhíothnáire iongadh ort an tslighe neambanamhail go labhrann sé: gan iongadh tríd air: ceal mothuighthe ar a mbíonn de mhí-iomchar ar siubhal aige. An díothnáire thar barr teacht do shíor ag lorg cáirde gan díol as aonnidh: gan aon mhothúilt (nó gur cuma leis) ar an éagcóir.

díothnáireach: *a.* gan náire, gan banamhlacht, neamhmhothálach. "Do dhuine díothnáireach is fusa a ghnóth do dhéanamh" (seanfhocal): an té ná mothuigheann mícheart nó éagcóir do bheith aige nó má néann a's gur cuma leis, etc. Dailtín díothnáireach a shádhas a cheann i gcúramaidhibh ná baineann leis: duine gan díol fearaidheachta gur dóthanach do aire a thabhairt dá chúram féin. Cuireadh fíneáil air i dtaobh cainnt díothnáireach do labhairt i bpoiblidheacht: gáirseamhail: neamhghlan.

díothshásamh: *f.1.* ceal sástachta, easbhaidh bheith sásta, doriartha; ceal dóthana. Dá bhfaghadh sé tarang ar a bhfuil de bhiadh i nDaingean Uí Chúise bheadh díothshásamh air ag éirighe ón mbórd: bheadh cúis éigin ghearáin aige. Thóg sé ar fhéad sé agus fós tá sé ag cnáimhseán lé díothshásamh an duine: airc tar meón: ampla uathbhásach. D'éirigheas as aon pháirtidheacht do bheith agam leis, pé feabhas a dhéanfainn ní bhfaghainn uaidh ach an díothshásamh: sainnt: airc: cíocras(-racht): sainnt chun breise. An uile lá fuair sé mairtfheóil agus bíonn fós ag lorg a thuilleadh airceachán, díothshásamh seadh é: craosaire nách féidir a leórdhóthain do thabhairt dó. Tart is íota díothshásaimh an bháis: domhúchta.

díothughadh: *f.* (*-uighthe*) do mhilleadh, do scriosadh, lomscriosadh, "milleadh agus meath". Díothughadh baile: a scrios: a mhilleadh. Díothughadh mo chinidh: a mbás. Díothughadh na gréine (teasa an lae): a imtheacht uain. Ó dhíothughadh gréine go héirghe: ar feadh na hoidhche ar fad. Díothughadh ort!: mío-ádh dian ort. Díothughadh Hitlear atá ó Shasana: a chlaoidhe. Trí nó ceathair d'uairibh do thárlaidh díothughadh Chorca Dhuibhne, dóghadh a barraidhe, ruagadh a líon daoine, tugadh ocras di: scriosadh.

díothuighim: *b.a.* millim, scriosaim, bánuighim, fásuighim, léirscriosaim, creachaim. Tú féin a dhíothuigh tu féin nár chaith foighne agus eaga léd chuid: a scrios. Ní dhíothóchadh Cúige Mumhan a bhfuil de shaibhreas sa bhannc aige: ní chaithfidís, ní dhísceóchaidís a's tarang do bheith acu air. An iomad fiadhach a dhíothuigh na girrithe annso: a choscair iad. An gála a tháinig ón bhfarraige dhíothuigh sé a raibh os chionn talmhan san áit scéirdeamhail: scuab chun siubhail. Bhíos ag tabhairt do 'sag tabhairt do gur dhíothuigheas me féin leis, níl faic agam le tabhairt d'aonne anois: chreachas: lomas.

díothshláinte: *b.4.* ceal sláinte; meathalóireacht. "A Chinnéidigh díthcéille, díothshláinte ort": an dá cheal is mó. B'fhada ar díothshláinte é sarar éag sé: gan sláinte. "Níl aon cheasnaidhe is measa ná díothshláinte" (cianrádh).

díothshláinteach: *a.* bheith gan sláinte, éiglidhe. Buachaill díothshláinteach dob eadh riamh é: gan bheith láidir. Ní fhéadfadh sé bheith ar fóghnamh ar an líth díothshláinteach atá ann: galarach: gan bheith ar fóghnamh de ghnáth.

díothumhal: *a.* (**díothumhalta**) easurramach, míréireach; dúr, ceanndáine, doighéilleamhail; neamhéascaidh; míbhéasach. Is é dualgas na ndaoine óg gan labhairt go díothumhal lé n-a n-uachtaránaibh: míbhéasach: neamhurramach. Ar labhairt dom leis thug sé súil dhíothumhal orm a gheóbhadh tríot: diamhair: neamhlághach: féachaint gan caoineas. B'éigean duaidhnéis do chur ar na bráigheannaibh díothumhalta nuair ná ceapfaidís a suaimhneas: ná claoidhfeadh leis an riar a bhí ortha. Leanbh díothumhal ná déanfadh lán a bhaise ar athair ná máthair: neamhurramach: ceanndáine, sotalach, imthighthe ó riar. An t-iomchar díothumhal a bhí fé sa tsiopa ag déanamh pé rud budh mhaith leis, gan tor ar a mháighistir budh bhun lé n-a ruagairt: dréir a thola féin a imtheachta. Ar an gcuma dhíothumhal atá ag gluaiseacht ní shroichfimís ár dtriall choidhche: neamhfhonnmhar: righin: neamhéascaidh i gcoinnibh cos a's tola.

díothumhla: (**díothumhaltacht**) *b.3.* ceal omóis; ceal géillte; neamhchomhall, dualgas; ceanndáine. Díothumhla budh chúis ag Dia lé hAingil an Uabhair do ruagadh ó neamh: dul i gcoinnibh a réir. Bhuail an máighistir an scoláire lé díothumhla dá theagasc: gan rud do dhéanamh air. Cuireadh Cúirt Saighdiúiridhe air toisc a dhíothumhaltachta: gan a dhualgas saighdiúra do chóimhlíonadh. Díothumhla ag baint leis an gcapall ráis ná léimfeadh sé fál ná claidhe: dúire: righine. Bhur lithéididhe de chlainn mhac ní raibh i dtigh riamh, faic na ngrás (luach leathphingne) ní dhéanfadh sibh a's a bheith ag athchuirt choidhche oraibh, lé díothumhla: gan éascaidheacht chun an ruda budh chóir díbh do dhéanamh.

díre: *b.4.* an rud atá ag teacht chugham (as); cúiteamh. Tabhair mo dhíre dom: an méid atá ag dul dom. Ná bí ag lorg a thuilleadh, tá do dhíre agat: do chion (den roinnt).

díre: *b.4.* macántacht, ionracas. Congaibheadh sa tigh é, fiú amháin nuair ná raibh ann aonnidh do dhéanamh lé n-a dhíre: macántacht an fhaid bhí sé in adhmanas. Gheobhair díre uaim-se in aon déanamh a bheidh agat liom ní chamfad pingin ort: ionracas: ceart: cóir.

díreach: *a.* cinnte, beacht, ceart, cóir, macánta; gan chor; gan mhoill; gan chlaonadh; coiligsheasamh; ceann ar aghaidh; deighsheasaimh: "fíor". Lucht an chreidimh dhírigh: na daoine go mbíonn an creideamh fíor, ceart aca. "Ní heól dom cad í an cheasnaidhe atá air" – "is díreach nách eol": anshoiléir nách eól. "B'fhearr dhómh-sa aon tsaghas gnótha eile do tharang orm ach an rud ná fuil ar eolas agam" – "díreach é a dhuine": is fíor san: sin mar tá. Go díreach ar nós an éin seadh sheólann an t-áthrach aoir: go cruinn: ar an ndóigh gcéadna. Dhá phúnt díreach a bhí agam gan pingin fé ná tharais: go beacht. Ar dhéanamh ruda go cruinn nó go tric, deirtear, "go díreach". An tslighe dhíreach: an tslighe mhacánta: macántacht ar gach cuma go maidean. "Ní fiú é an cás nách fearr bheith díreach réidh" (seanrádh): is ar an ionracas a bhíos an rath i ndeireadh dála. Tá Dia díreach: cóir: neamhchlaon. Dhearbhuigh sé díreach a's cam: budh chuma leis cad bhí dhá mhóidiughadh aige. Dhein an fíogach (madar éisc) gearra chómh díreach lé riaghail

lé n-a fhiacalaibh: glan, slím, gan stracadh. Seasuigheann sé chómh díreach lé gáinne: cruinn anáirde gan cor anonn ná anall. Má néir mo chómhairle raghair abhaile lom díreach: gan stad ná fóill ar an mbealach agus anois. Faill dhíreach ná siubhalóchadh na cait: 'n-a coilgsheasamh. Tagaimís sa cheann díreach den scéal agus seadh is fusa a réidhteach: an chuid is soiléire, is lugha duadh nó achrann. Aon nidh ná baineann liom a's ná fuil buannacht agam air fágfad im dhiaidh, beidh an bóthar díreach agam: leanfad lorg na macántachta. "Mo thuairm gur fearr leis dul thar lear ná fanacht" – "níl an tuairm dhíreach agat an turus so": tuairm chruinn. Ní dírighe an sagart 'ná é: an-mhacánta. Bhíos díreach ar tí fágtha nuair chnag an pléascán ós mo chionn: gan rómhoill. Díreach tréis a dó a chlog: tamaillín fíorbheag. Tháinig olc a's strán air, d'éirigh sé díreach im choinnibh: go fíochmhar, cuthaigh. Tabhair do bhóthar díreach ort agus ná bac mise thart: aire dod chúram féin. Déin díreach ar an dtigh: gan mhoill, gan dul as an mbealach. An bhfuil súil dhíreach agat?: an aithneofá rud do bheith gan cor isteach ná amach ar dhearcadh air? Díreach ar an gcasán rómham: sa tslighe orm nó ar chuma ná féadfainn gabháil tharais gan a fheicsint. Sin é agat é, cam a's díreach: in iomláine. Chaitheas bliadhain fhada dhíreach ag obair ann: gan sos gan briseadh. Buaileadh lom díreach isteach sa tsúil me: go cruinn.

dírghe: *b.4.* (**dirigheacht**) a bheith gan chor; neamhchlaonadh; ionracas. Ní cás duit seasamh ar dhírghe an duine sin, bob níor bhuail ar aonne riamh: macántacht: cóir. Tá an clár i ndírghe gunna agat: lom, díreach: gan ionga isteach ná amach cam. Dírghe a chuid cainnte ní raghadh amugha ar an té is daille: soiléire. Ar an ndírghe do mhair sé: cé é bheith bocht bhí sé fíormhacánta 'n-a dhéanamh lé cách.

dírighim: *b.a. ₇ n-a.* cuirim 'n-a sheasamh cruinn, treóruighim i gceart; sínim gan cor, gan claon; cuirim 'n-a cheart; caidhmsighim; ceartuighim, stiúruighim. Dírigh tu féin: ceartuigh: cuir id threó féin a's ná beidh an iomad slighe fút. Sin é é, dírigh ar an té ná fuil aon chúis agat air: crom air: tosnuigh ar íde bhéil do thabhairt do: duaidhnéis do chur air nó a chiapadh ar chuma éigin. Tóg cómhairle amadáin agus dírigh ar an mbaile: imthigh abhaile gan bac le moill ná faic. Tá sé dírighthe amach ar cheannuightheóireacht lé déidheannaighe annsan: tugtha dhi. Dírigh fé isteach gan aon eagla roimis: ionnsaigh é: tabhair fé. Dírigh ar an áit chómhnaidhthe atá aige me: tabhair eolas dom. Díreócham suas an bád leis an gcaladh: sínfeam cliathán ar chliathán. Dhírigheadar ar ólachán: chromadar. Dhírigheadar ar a chéile ó thalamh: chromadar ar throid. Béal na ngunnaidhe dírighthe ar an gcuan: sínte sa treó san. Dírigh thu féin a's ná bí caithte annsan id scraiste: seasaimh. Dá ndíreófá do thrucail i gceart ní raghfá 'on díg: dá dtiomáinfeá. "Is bóiléagarach faillightheach an bheatha atá aca" – "díreóchaidh sin fós": feabhasóchaidh.

díriughadh: *f.* (*-righthe*) treó, treóraidheacht, giollaidheacht; stiúrughadh; dul i dtreó ruda (do dhéanamh); síneadh amach nó anáirde gan chaime. Saighdiúiridhe maithe dob eadh iad a thabarfadh seasamh uatha dá mbeadh díriughadh ceart oifigeach ortha: stiúradh: treórughadh: a gcur ar an mbealach ceart troda. Mise atá ag díriughadh an bháid seo, agus caithfidh gach fear den bhfuirinn déanamh dem réir: ghá cur ar leas a himtheachta. Tá an lá ag díriughadh air: teas nó fuacht nó aon tsaghas síne go dian. Ag díriughadh ar ólachán: ag luighe amach air: ag caitheamh an iomad de. Seachain tú féin ar an dtarbh malluighthe, tá sé ag díriughadh ort: ag dul fé dhéin d'ionnsaighthe. Ag

díriughadh na ngunnaidhe: ag caidhmsiughadh leo: ag tabhairt a mbéil ar an mball buailte. Nuair chonnaic sé an long fé thuinn ag díriughadh soir do bhí sí: a tosach sínte sa treó san. "An bhfuil aon fhaoiseamh ón bpian aige?" – "níl, ag díriughadh air atá": ag méadughadh. "Ar thosnuigheabhair fós?" – "ag díriughadh atáimíd fós": ag ullamhughadh 'n-a chóir. "Is breágh dho san do bheith fé dhíriughadh Dé: fé threórughadh: Dia bheith ag tabhairt aire dho a's ghá chur ar leas a anama.

dís: *b.2.* beirt, duine nó ainmhidhe; dhá rud. "Cé hiad an dís atá ann?" – "Seán a's a ghadhar". Cuir síos dís "l": dhá "l". Is ionann iad an dís phósta san tá an bhean chómh holc leis an bhfear: an lánamha: beirt. Mo dhís ghadhar. Fuaireas dís dhubhán uaidh ar eagla go mbrisfeadh ceann.

dísce: *b.4.* aimridheacht, seascacht, neamhthorthamhlacht; triomacht. An oiread dísce síos fén ndúthaigh go gcaithtear uisce do thabhairt na mílte ó bhaile: toibreacha bheith tirim. Cúitigheann toradh na ngleanntán dísce na gcnoc: loime agus seascacht: ceal tabhartha tortha. Dísce an tsiúicre toisc an cogadh fáth árduighthe luach: gainne. Tagann dísce na mbó lé déidheannughadh na bliadhna: teirce an bhainne.

dísceach: *a.* laitightheach, laitighthe. Clocha dísceacha chun tógála iad san: go mbeadh dímidhse ortha nó roilleach: ná raghaidís in iomláine 'on fhalla. Scian dhísceach í sin chun éisc do ghearradh, gan a dóthain faobhair uirthe, agus stracann sí: a dhéineas laitiméireacht. Caith an t-arán dísceach san chun an mhadra: an fuighleach nách inithte gen nduine.

dí-sceóil: *gein*. Is olc an chuideachta me do theacht chughaibh, fear dí-sceóil seadh me: gan nuadhacht ar bith. D'imthigh sé chun fáin agus bhí a mhuinntir ar dí-sceóil 'n-a thaobh ar feadh fiche bliadhain: gan tuairisc.

díshealbhughadh: *f.* (*-bhuighthe*) ruagairt as ionad buannamhail, dleacht, cur amach. Dathad bliadhain ó deineadh me do dhíshealbhughadh as an dtigh sin as cheal díolta cíosa: cur amach. Ar an bpáipéar indiugh gur dhein na hAlmánaigh díshealbhughadh ar na Franncaigh as dhá mhaolchnoc: gur baineadh cuanacht na n-áiteann san díobh. Ghom dhíshealbhughadh as an gcathaoir seo bheifeá, an eadh?: ag baint mo ghreama dhíom.

díshealbhuighim: *b.a.* cuirim as ionad. Sé bheir bán reádhanna na Midhe gur díshealbhuigheadh na treóntaidhthe gur leó iad: cuireadh as. "Cad dhísealbhuigh as do bheart thu?" – "an t-ólachán": cad budh bhun leó tú do chur as do shlighe bheatha.

dísle: *f.4.* feic **drísle**

díth: *b.2.* ceal, easbhaidh, máchail, dochar; scrios, creach, deireadh nó críoch aon ruda; milleadh; éag, bás; locht, cur siar. "Cad tá de dhíth ort anois go bhfuilir ag cnáimhseán?" – "níl díth fén spéir ná go bhfuil orm": ceal. Caithfead dul 'on tsiopa, tá díth tobac orm: ceal. Is orm a bhí an díth céille agus fuairthéidh fir mar thu do phósadh: easbhaidh. "Connus iomcharann sé é féin an aimsir seo?" – "tá an díth diabhail imthighthe ar fad air": imthighthe chun anatais (oilcis) ar fad. Ól é sin, a's nár né sé díth ná dochar dod

shláinte: díoghbháil: bascadh. Nuair fuaireadh a chorp báidhte bhí díth coise air (cos de dhíth): cos ar iarraidh. "Bhrisis do scáthan ort" – "is beag an díth san": dochar. Téigheann sé de dhíth orm aon urchar cruinn do chaitheamh leis an ngunna san: teipeann. Ná bíodh aon truagh agaibh do, ná fuil airgead 'n-a chnocánaibh aige de dhíth a chaithte: ceal a chaithte. Ní díth liom díth Shasana: ní brón liom aon ósbairt a éirigheas di. B'olc an díth d'imthigh ortha, iad do dhul ar tóin puill gan oiread agus Dia do rádh lé n-a n-anam: an chríoch: an bás. Gearánann an Choitchiantacht go bhfuil ar díth scéala cogaidh: gan tuairisc. "Mo dhíth a's tuirse ar lár mo chroidhe!" (rádh) (deirtear so le linn ruda nó teangbhála ná taithnigheann lé duine nó le linn neamhcháis). "Buaidhfidh an Ghearmáin ar Shasana" – "mo dhíth etc...": cainnt gan deallramh é sin (dréir mo thuairm-se). "Más díth gáiridhe díth clainne díth guil seadh iad": mara gcuirfid ag gáiridhe sinn ní chuirfid ag gol (deir an té ná bíd aige). An díth air mar scéal, caithidh uaibh é, tá na daoine bodhar agaibh leis: léan air: mío-ádh air: ní fiú bheith ag coimeád ceann cuinge mar gheall ar a bheag-thábhacht. Níl aonne de dhíth orainn anois: táimíd go léir ann nó láithreach. Mo mhuinghin asat ná déanfá mo dhíth: mo dhíoghbháil. Connus throidfidís ar dhíth airm, díth bídh, díth oifigeach: gan a ndóthain díobh-san do bheith aca. Díth aimsire seadh bheith ag iascach nuair ná faightear aon luach cóir ar an seilg: caitheamh aimsire gan tairbhe. Galar ait do tháinig air, é ag gabháil tímcheall ar díth meabhrach: ná féadfadh eólas na slighe do dhéanamh. Fuair bás de dhíth fola: cailleamhaint. Díth éigin ar an gcraolachán nách féidir liom d'fhagháil amach: máchail: ceal máille éigin gábhadhtaraigh. Mara chéile aige iomarca nó díth, níl aon choimeád ar a chuid aige: bheith ar bheagán.

díthmeabhair: *b.5.* easbhaidh, gan rian di. Budh mhór an díthmeabhair a bhí ar an gcréatúir a's é féin d'ídeach le faill: bheith gan pioc di.

díthmeabhrach: *a.* ar dháil bheith gan chiall. An té a bhíos ar meisce ní mór ná go mbíonn chómh díthmeabhrach leó a bhíos i dtigh na ngealt: ar báine. "Gura díthmeabhraighe ambáireach thú 'ná indiugh" (eascuinghe): deirtear so lé duine a dhéineas rud míchiallmhar.

díthreabhach: (**díthreóch**) *f.1.* aindeiseóir, duine ar an bhfán nó n-a aonair de dheascaibh cailleamhna a mhuinntire nó a cháirde; truaghán. 'n-a dhíthreabhach mhartruighthe gan duine aige a shínfeadh deoch ná bolgam chuige: go haindeis gan ann déanamh do féin ná aonne a fhóirfeadh air. Beatha neamhshubháilceach aige in uaigneas an ghabháil cnuic 'n-a dhíthreabhach gan siubhal éinne air: aonaránach: díseartach. Dhein an ghorta agus géirdhlighthe díthreóigh des na daoinibh: budh thruagháin iad. Cailleamhaint lúth a ghéag d'fhág n-a dhíthreabhach é: trú: aindeiseóir.

díthreóir: *b.5.* laige, ceal gluaiseachta; fainne; bascuightheacht, máchail. Cuireadh ar díthreóir triúr imirtheóiridhe a's b'éigin dóibh imeacht ó chródh na himeartha: ó ghníomh: baineadh dá lúth. "Cad é an díthreóir atá ar an luing sin ná gluaiseann sí" – "tá a hinnil briste": máchail.

díthreórach: *a.* lag, tréith, bascuighthe; as an slighe. An pléascán a thuit ar bhórd na luinge cogaidh bhí sí díthreórach as san amach dá dheascaibh, gan innte corraighe ná

caitheamh: ar ceal gnímh comhraic. Táim díthreórach as láimh liom, ghearraidh cloidheamh í: gan a háis agam: bascuighthe. Ag imtheacht go díthreórach do féin ó cheanntar go ceanntar ó imthigh an mheabhair uaidh: gan chómhacht incheann. Bailigheadh na saighdiúiridhe díthreóracha de pháirc an chatha tréis an chómhraic: iad so a bhí bascuighthe, gonta.

díthuigse: *b.4.* ceal tuigseana nó réamhmachtnaimh. Díthuigse dhom teacht 'on bhaile mhór lé súil lé fagháil, gan airgead do bheith agat: amadántaidheacht. Ní lé sprionnlaitheacht croidhe d'eitigheas in ao'chor thu ar cháirde ach le díthuigse, mar b'eol d'aonne go gcúiteófá: gan machtnamh ceart do dhéanamh. Ní hannamh a ghníos duine a dhíoghbháil trí dhíthuigse gan an rud a bhíos i dtreis do meádhadh roim ré.

diubhrachadh: *f.* (*-ctha*) griofadach tinnis; codladh gribhthín. Cos liom go bhfuil diubhrachadh innte, cómhartha atharruighthe aimsire. Cos liom bodhar ná féadfainn do chur fúm ge diubhrachadh: codladh gribhthín: griofadach mharbh de dheascaibh reatha cirt na fola. Choidhche nár thagaidh diubhrachadh id láimh: nár thagaidh crapadh innte (lé linn deighghnímh).

diúch: *b.2.* an píopán (píobán); an tsraoth go ngabhann an t-aer tríthe chun na scartach. "Mo ghradhain do dhiúch": moladh ar gclos glóir aoird, amhránaidheacht mhaith nó a lithéid ó dhuine. Stracfainn an diúch asat: thachtfainn a's réabfainn do mhuineál. Mara bhfuil aonnidh eile agat tá diúch mhaith agat: cainnt 'n-a sruth.

diúcán: *f.1.* an píobán; léas choirce (arbhair) nó blúire 'e ghiolcach, teanga curtha ann mar úirlis ceóil; feadán chun ól-shúghrac do dhéanamh thríd. Gheóbhfá deocha boga ann agus diúcáin chun a n-ólta: feadáin follamh istigh ionta. Rugas ar dhiúcán ar an éan: píopán.

diú diú: *i ráidhtibh* mío-ádh; fán. Diú diú ort-sa, a Phúca Ráilí ní bhfaghair mo leanbh-sa: imtheacht gan teacht ort-sa ["chughat an Púca Ráilí!" sin fógairt ar leanbh chun tuiteam dá chodladh. Fuair na daoine an oiread san scannraidh lé linn droichéachta Dhún an Óir go bhfuil sé 'n-a chianrádh fós eadrainn]. Diú diú ort, a chait, fan ó bhainne mo leinbh etc.

diúgadh: *f.* (*-gtha*) slighe uisce chun talmhan do thriomadh; uisce nó aon tsaghas leanna do tharang as árus; an gníomh féin. Á, is mór an diúgadh do dhuine cheithre pínt leanna bonn ar bonn: an slogadh. Thugadar an oidhche ag diúgadh lé lúthgháire a mbuaidhte, nár fhágadar deóir sa tigh: ag íbh: ag síor-ól. Gheibhid chúig phúint an t-acra ón Riaghaltas as an dtalamh do dhiúgadh 'sa ullmhughadh chun curadóireachta: an t-uisce do rith as. Bí ag diúgadh leat!: ól a thuilleadh a's gheóbhair a thuilleadh. Leig don gcorcán diúgadh: leig don uisce (nó pé leann) sileadh as.

diúgaim: *b.a.* ólaim go tóin; tairngim uisce (as); íbhim; ólaim go trom. Dhiúg sé idir cubhrán a's uile a raibh sa ghloine: níor fhág braon innte. Talamh diúgtha anois a bhíodh ar snámh cheana: triomuighthe. Ná diúg: ná hól go haireach a bhfuil ann. "Dhiúgfadh sé an Mháig iongtach": "d'ólfadh sé an tSionainn", "Loch Éirne": bíonn póit air.

diúgaire: *f.4.* óltóir trom, bladaire, tnúthán. Faid bheadh doras ar oscailt ag aon "chlár breac" bheadh an diúgaire úd cois na conntabharthach: póitire. Léim dingthe ort, a dhiúgaire, is mithid duit glaodhach ar dhigh: tnúthánaidhe, meisceóir ar chostas na cuideachtan: sucaidhe ólacháin. Diúgaire a mheallfadh a bhféadfadh gan chúiteamh: duine go mbíonn a shúil anáirde lé rud ón bhfear thall.

diúgaireacht: *b.3.* ól go tóin, dríodar; mealltóireacht. Na geámaidhe a bhí ortha ag diúgaireacht 'n-ár dtímcheall lé hionchas go bhfaghaidís deoch: ag faire ar bheith ag mealladh lé méid a ngliocais, dar leó. Le n-a ghuilm chun dighe bhíodh sé ó thigh go tigh ag diúgaireacht fuighleach daoine: ag ól go dúlmhar.

diúir: *b.5.* fic **deóir**. "An bhfuil aon té sa phota?" – "diúir": braon in ao'chor.

diúiricín: (**deoiricín**) *f.4.* buile 'e dhorn sa cheann. Thárlaidh diúiricínidhe eatartha: dórnáil. Diúiricín dochaiseach do fuair an "Royal Oak" de stiall mháchaileach.

diúlfaidheach: *b.2.* an scórnach; an feadán go ngabhann an biadh go dtín goile tríd. Chuaidh cnámh sa diúlfaidhigh aige ná geóbhadh síos ná suas gur tachtadh é: sraoth an bhídh. An diúlfaidheach ar fheabhas aige ar an scórnaghal bhrághad a bhíos aige: scórnach réidhtighe gan toirmeasc.

diúltach: *a.* eitightheach, éimeach, éaradhthach, séantach, cosach. Freagra diúltach do fuaireas uaidh nuair loirgeas iasacht air: freagra ná faghainn. B'fhearr liom gan dul 'n-a threis, tá sé diúltach agus níor dhóichighde a chlaoidhe leat 'ná a thréigean: tréigtheach: meathach: druim láimhe do thabhairt. Táim diúltach de: ní bheadh aon bhaint agam leis. Diúltach den bhiadh: bheith ag cur suas de: gan é do bhlas. Má bhír diúltach díom bead diúltach díot: mara dtugair fé ndeara me ní thabharfad fé ndeara thu: má shéanair me etc. Ainmhidhe diúltach den ineall seadh an frannach, tá sé anbhraithteach: seachantach. Is annamh do thuiteann braon air tá sé diúltach den ól: aireach air féin 'n-a thaobh. Fuaireas diúltach ar eólas do thabhairt dom é: eitightheach: gan fonn air chuige.

diúltach: *f.1.* duine a shéanas nó a theilgeas uaidh. Diúltaigh Dé: an dream ná hadmhuigheann Dia do bheith ann. Fiche diúltach oibre a bhí ar an mbuidhin: fiche duine ná raghadh i bhfeighil oibre. Diúltaigh chíosa etc. etc.

diúltadh: *f.* éimeadh, éaradh; neambaint lé; neamhadmháilt; séanadh; eiteach. Loirgeas agus dhianloirgeas, ach má seadh fuaireas an diúltadh: éaradh. Labhair sé liom chun bruighne do chur orm, thugas an diúltadh do: níor fhreagras é. D'iarr an díthreórach gannaidhe i gcúig thighthe agus fuair an diúltadh: eitigheadh é: níor tugadh faic do. Diúltadh Pheadair ar a (dhá) Mháighistir: neamhadmhailt. Ghlac sé gan diúltadh ar tairngeadh do: gan cheisneamh. Ní bhfuair Muire a's Seósamh ach an diúltadh san uile thigh 'n-ar loirgeadar ósdaidheacht: eiteach: séanadh ósdaidheacht ortha. Is gránda é an diúltadh (diúltamh), nár dhiúltuighidh Dia dinn an lá déidheannach: gan bronnadh na haisce. Ní bheidh do dhiúltadh agam, dar fiadh: tabharfad duit an rud a iarrair. Táim ó dhiúltadh anois: caithfead bronnadh nó géilleadh anois. Bheinn i bhfeighil a dhiúlttha i

dtaobh na casóige mara mbeadh go bhfeacaidh sé agam í a's ní leigfeadh náire dhom í do loc air: ag cuimhneamh ar: ar tí.

diúltughadh: *f.* (*-ighthe*) dáil eitighthe, éartha, éimthe. An t-iasc ag diúltughadh den mbaoite: ná béarfadh air. Lé déidheannaighe annsan bíonn ag diúltughadh dhíom: ní bheadh aon chonbharsáid ná "síos ná suas" aige liom: séanann sé me: éimeadh. An choineall bheannuighthe i láimh gach neach sa phobal ag aithris bréithre an bhráthar ag diúltughadh don ndiabhal: ag séanadh go mbeadh aon bhaint aca leis.

diúltuighim: *b.a.* séanaim, eitighim, éimim, éaraim. Deirtear gur mhairbh sé fear ar a chuid airgid, ach diúltuighimís de ná d'aon rud ná beadh a fhios againn: ná gabhaimís orainn a bheith fíor. Dhiúltuigh sé teacht linn: iarradh air teacht agus chuir suas dhe. Dhiúltuigh an capall corraighe: níor ghéill sé. Thairng socrughadh dhóibh, ach dhiúltuigheadar glacadh leis: chuireadar suas de: d'éimeadar é. Airiceach a dhiúltóchadh duine ar phingin: ná tabharfadh uaidh í. Diúltuighim de mar fhear, ón lá do chonnac é ag tabhairt buile fill: tugaim suas é: aon bhaint ní bheadh agam leis. Mise do mháthair, ní hamhlaidh go ndiúltófá me: ná hadmhófá me: ná beadh díol measa agus urrama agat dom. "Dhá nidh d'iarras ort, ná diúltuigh me umpa" (Seanráidhte XXX. 7): ná congaibh a mbronnadh orm. "Má dhiúltuighimíd de diúltóchaidh sé dhínn" (2. Tim. II. 12): gan bhaint do bheith le. Shaoil sé go mbeadh sí mar chéile aige ach dhiúltuigh sí é: chúb sí ó n-a thairsgint: d'éim sí é. Duine fial ná diúltóchadh a chuid ar neach: a thabharfadh uaidh go fonnmhar. Diúltuigheann an chneadh do leigheas: fanann sí tinn d'aindeóin ceiridhe ná eile.

dlaoi: *b.4.* (*iol.* –the) táth fuilt, ghruaige, léas arbhair; dornán a baintear d'aon iarracht le corrán; loc. Chuir an bhean tuinncéara a liobháin anáirde i bhfolt na mná eile agus do stath dlaoi dhe loc: lán glaice. An féar chómh fánach san ann gur 'n-a dhlaoithibh do baintear é: 'n-a lánaibh glaice. "A dlaoithe ag teacht go halt 'n-a deóidh": trílsidhe fada a fuilt. Anáirde i ndlaoi mullaigh an tighe atá sé ag leigeant isteach: an chuid den ndíon a síntear ar faid an mhaide droma. Cuir uaim do chuid dlaoithe, nílim chómh soimheallta agus is dóigh leat: cleasaidheacht. Tá beartha im dhlaoithibh ort: im líontaibh: dolaidhe.

dlaoifholt: *f.1.* folt trom, áluinn. "A dlaoifholt crathach, péarlach ag tigheacht ar fad go halt 'n-a deóidh" (amhrán): ceann iongtach gruaige.

dlaoitheach: *a.* tromfhuilt; go mórán gruaige; trílseach. Thanóchadh do chuid gruaige, budh mhaiseamhla í gan í bheith comh dlaoitheach: trom: trilseach, fada, tiugh.

dleacht: *b.3.* an ceart, an chóir; an rud is ceart do. Mar is dleacht dom déanfad: mar is ceart dom: do chóimhlíonadh mo dhualgais. Scriosadh ar fad me, níor fágadh maoin ná dleacht agam: sealbhachas, sealbhantas.

dleaghthach: *a.* ceart, fíor, fíordhílis, fíorghlan; dlistineanach; riaghalta; lamhálach, gnáth. Dar leis go raibh aige nuair fuair sé cnocán airgid, ach ní raibh, mar ná raibh sé dleaghthach: bréagach: gan mhaith: gan an mianach ceart ann. Aon rud atá agam fríth go dleaghthach é, gan éagcóir ná cam ar neach: mín: macánta. Níl sé dleaghthach sa tír seo

tiomáint ar an dtaobh deas den mbóthar: dréir dlighe na talmhan. Rud neamhdhleaghthach seadh duine do bhualadh ach dod chosaint féin ar leithrigh: mícheart: in aghaidh na dlighe. Beathuisce dleaghthach a gheóbhair i dtigh tábhairne bíodh sé olc nó maith: cead chun a dhíolta. Imtheachta dleaghthacha seadh duine do bhreith ós chómhair na cúirte chun do ghearáin air do thagairt: cóir dréir dlighe na talmhan. Ní dleaghthach do chléireach bualadh amach as oifig, do thréigean a chúram gan cead a lucht adhmanais: riaghalta.

dleaghthacht: *b.3.* cóir, ceart, riaghaltacht. Cad é an dleaghthacht atá ag baint leis na míltibh do bheith ag duine a's duine eile gan faic: cóir: ceart: comhthromacht. Dleaghthacht gan amhras seadh bheith "leath beartha, leath caillte" le haon rud go mbeadh beirt 'n-a threis: ionracas: macántacht: dírghe.

dligheacht: *b.3.* cóimhfhreagairt don dlighe; dlisteanacht. Chonstrabháladh an Riaghaltas sa Dáil ar dhligheacht aonne do chongbháil i gcarcar gan chúis do chur 'n-a leith: do bheith dréir dhlighe na talmhan nó riaghlach atá bunuighthe ge árdchómhacht nó ge reachtaireacht na dúthaighe. Admhuigheadh sa chúirt dligheacht m'éilimh ar an áit: cóir dréir reachta.

dligheadh: (**dlighe**) *b.4.* reacht (na talmhan), reacht: cuma (gnímh); riaghail ceapuighthe ge árdchómhacht, ge árdreachtaireacht dúthaighe nó bunuighthe ag cumainn nó fuirinn nó ag réim na nádúra. Cuirfear an dligheadh ort má chídhtear ag goid thu: béarfar ós cómhair breithimh bunuighthe thu chun cúitimh do bhaint díot as do ghníomh. Is í an dligheadh thinn duit í: díolais as go daor trí chostas, fíneáil, etc. Chuadhamair chun na dlighe le chéile: ós chómhair cúirte chun cúitimh do bhaint dá chéile. Cheithre béilidhe ist ló an dligheadh atá sa tigh seo: an chuma bunuighthe chun caithte bídh. Chun dlighthe is fearr sibh a's ní chun a gcóimhlíonta: dream iongtach chun riaghlach iomchair do cheapadh do dhaoinibh eile. An lá néathar peaca tá dligheadh Dé briste: treóir iomchair ceapuighthe ge Dia. Dlighthe leat féin atá agat-sa: "socrughadh na caillighe mar is áil léithe féin": ar do bhéal-sa ní sceinneann uait ach an ceart. Gheóbhair dligheadh na háite: gheóbhair olc agus maith gan chlaon mar gheibheann an uile dhuine. Sé dligheadh an cheanntair seo fód do bhaint as an uaigh ar an nDomhnach má bhíonn an corp lé hadhlacadh ar an Luan: nós. A dhligheadh siúd an bóthar díreach: macántacht an righail caighdeáin atá aige. Dá bhfaghainn mo dhligheadh ní bheadh a thuilleadh lorgaireachta agam ortha: mo cheart: mo chion dréir córach.

dligheadóireacht: *b.3.* taithighe nó cleachtadh na dlighe; do dhéanamh na dlighe eólas uirthe. Dá mbeadh dligheadóireacht get atúrnae ní theipfeadh ort, dhein sé céad botún: eólas uirthe. Ar theipeadh dho lé dochtúireacht chuaidh sé lé dligheadóireacht: thug sé é féin ar chúrsaidhibh dlighe d'fhoghluim agus earrán do bhaint aiste. "Á", ars an fear míoshásta, níl aon chúram Dála againn ach chun dligheadórachta: déanamh dlighthe.

dlighim: *b.a.* tá orm (ag), tá agam (ar); is ceart dom; tuillim; órduighim. Dlighim airgead díot ar an láthair seo: tá airgead agam ort agus iarraim é. Ní dlighthear d'éinne dul in arm fé láthair, tá cead saor aca fanamhaint as: ní hórduightear do: níl iachall air. "Díolfar lé

cách mar dhligheann" (rádh): tabharfar dos gach éinne mar thuillid. Is mó dlighthear díom 'ná dlighthear dom: is mó go mór atá orm ag cách 'ná agam ortha.

dlightheamhail: *a.* ceart, cóir, dréir dlighe. "Féach do ghní do dheisceabail nidh nách dlightheamhail do dhéanamh ins an tsaoire" (Matha XII. 2): lamhálta dréir dlighe Dé. B'é rí dlightheamhail na hÉireann é: an rí ceart dréir córach. Tuillim mo chuid go dlightheamhail, macánta: ní bhíonn faic de shaothar aonne eile agam. Bíonn ughdarás dlightheamhail ag siriam duine do chur as seilbh: tugtha dho ó lucht ceannais agus riartha na dlighe.

dlightheanach: *a.* ag baint lé riar na dlighe. Laetheanta dlightheanacha i dtigh na Cúirte: an feadh bhíonn an dlighe dhá riar innte.

dlightheóir: *f.3.* fear dlighe. An bhfeacaís dlightheóiridhe riamh i ndlighe lé chéile?

dlisteanach: *a.* dréir na dlighe; reachtamhail; fíor; gan bheith toghartha; saoghaluighthe i gcuing phósta. Níor mhac dlisteanach do Rí Pilib na Spáinne do báthadh as an Armada i mbealach an Dúna: dréir pósta. Beir i dtreis na dlighe muna ndéinir gach nidh go dlisteanach: gan toirmeasc uirthe. An dtugann tusa airgead dlisteanach na hÉireann ar an airgead atá 'n-a rith annso?: airgead fíor; buailte, ceárdchuighthe sa tír. Ní dlighe dlisteanach atá ar an bPólainn a's í 'n-a dhá chuid ag an Rúis a's an Almáin: cóir: ceart: le toil a daoine. Sé an paróiste seo m'áit dhlisteanach mar is ann do tógadh a's do cothuigheadh me: an áit is dual dom.

dlochtán: *f.1.* criathar, scarthóir, deighiltheóir, síothlán, scagaire, stráinín. Bainne bó breise seadh dlochtán ag feirmeóir (rádh déidheannach): an t-ineall a scaras an t-uachtar ón leanamhnacht gan a chur ar mhéis. Ní nár duit maoidheamh as do chríochnughadh, táir chómh baileach le dlochtán!: imthigheann rudaidhe idir do ladharachaibh.

dlúimh: *b.2.* bruth, carnán, meall; bróin, tulca, scailp (scamaill). Toisc na h-íle bheith sa luing budh gheairrid go raibh sí 'n-a dlúimh lasrach nuair thóg sí teine: 'n-a bróin: scailp mhór, throm, fhairsing. Cneadh ghránda 'n-a dlúimh ar a chuislinn: carnán trom, tiugh. Cad tá ar an ndlúimh sin ag bun na spéarach?: í chómh dorcha trom: tulca: bróin. Faic níor bh'fhéidir liom do bhreithniughadh tríd an ndlúimh dheataigh a bhí ag éirghe ón loingeas cogaidh: scamaill mhóra, throma, dhorcha.

dlúithe: *b.4.* athchomaireacht dhaingean, cruinneas, cruinneacht; doscarthacht, doichte; táthadh righin; tiughdas; dlúthacht; neamhshoiléireacht. Cláracha síneála gan dlúithe go bhfuil gaoth a's grian ag gabháil tríotha: gan bheith san gcómhgaracht cheart dá chéile. Dlúithe a fhighte (éadach) ná leigeann an braon isteach: doichte: gach snáithín de bheith buailte: iadhta, druidte go daingean, doscartha ar a chéile. Dlúithe éigin 'n-a úrlabhra gur deacair é do thuigsint gan cluas mhaith do chur ort féin chuige: neamhshoiléire 'n-a ghlór: ithiomchainnt. Dlúithe carraigeach ná raibh aon dul ar ghabháil eatartha do luing gan píleóit: athchomaireacht: fíorghiorracht. Radharc ar ghréin ná ar spéir ní raibh ag an ndream a bhí ag taisteal na coille lé dlúithe an duilleabhair: tiughdas.

dlúithéaradh: *f.1.* eiteach nó címeadh folamh. Léan dingthe air a thug an dlúithéaradh dhuit ar rud chómh suarach lé coróin ar iasacht: eiteach amach 'samach.

dlúithiadhta: *a.* dúnta, iadhta, buailte ar a chéile go daingean. Go mbí mo shúile dlúithiadhta gen mbás: ná hosclóchadh airís. Ní dlúithiadhta atá t'fhiacla ná fuil focal asat: ní hamhlaidh nách féidir leat iad d'oscailt. Fuairtheas an bhean marbh agus an tigh dlúithiadhta: gach fuinneóg is doras druidte go daingean.

dlúithnéal: (**dlúithneul**) [**dlúithnéall, dlúithneull**] *b.3.* scamall nó bróin throm, thiugh: tromshuan. Tháinig dlúithnéallta na hoidhche ortha sa dúthaigh aineólaigh, gur chaitheadar an oidhche ar seachrán a's ar guardal: scamaill dhiamhaire. Is annamh lá i rith an gheimhridh ná bíonn dlúithnéal ar mhullach Chnuic Bhréanainn: scamall trom, dorcha ceóidh. Thuit dlúithnéal uirthe nár dhúisigh aiste go ceann chúig mbliadhan: domhúscailt chodlata.

dlúiththe: *a.r.* curtha go hathchomair dá chéile mar cír (cíor) fhiacal; curtha go daingean; iadhta gan "gaoth". Chuaidh an scian dlúiththe idir dhá easna ann: ceangailte go docht. Druididh ó chéile níl slighe ithte (imeartha, etc.) agaibh, táthaoi dlúiththe ar a chéile: ró-chómhgarach chun iondrabhála nó corruighthe. Budh dhlúiththe bhíodh an chír (fhiacal) ges na seandaoinibh níl cloigeann leó i roilig ná go bhfuilid slán, folláin 'n-a gcorrán fós: suidhte go do-chorruighthe. Tá an chos chómh dlúiththe sa tuaigh ná scarfaidh léi: chómh daingean. Faid agus bheidh mo chorp is m'anam dlúiththe le chéile: go lá mo bháis.

dlús: (**dlúthas**) *f.3.* cuid mhór; toirt; tiughas; teann, cruinn; cómh-dhaingniughadh. Ní mór an dlús gruaige atá air: nách mór maol. An dlús airgid a bhí aige sa bhannc, tá sé caithte aige ó bheith ag síortharac air: an tsuim mhaith airgid. Bíonn dlúsanna maithe (éisce) ges na hiascairidhibh na hoidhcheanta so: roinnt mhaith. Nuair bhí dlús ithte agam d'éirigheas ón mbórd: ádhbhar: cuid ná raibh rómhór ná róbheag, ach. Tá dlús ólta aige: a dhóthain mór. Cuir na nidhthe sin i ndlús agus ná faghaim scaipighthe soir siar id dhiaidh iad: in órd: go riartha. Clocha gan dlús go raghadh na mílte dhíobh i bhfalla: gan toirt: gan méid. Raghadh na hainmhidhthe sin airgead mór ar aon aonach tá dlús maith feóla ortha: reamhar. Ní chreachfair thú féin leis an ndlús: lé beagán i dteannta an chirt (do thabhairt uait).

dlúth: *a.* cruinn, athchomair, cómhgarach, daingean, docht, deacair do chorruighe, rud do bhaint (de), do mhealladh (ó), etc. "mór lé", foluighthe; doibhriste, doscartha; dílis; buan. Cara dlúth seadh é ná féadfainn a thréigean: fíormhuinnteardha. Ní dlúithe dhuitse ná dhómh-sa an dúthaigh: dlighthear díom-sa oiread dualgais di agus dlighthear díot: ní mó agat-sa í 'ná agam-sa: sí mo tír-se í chómh dílis a's gurb í do thír-se. Thángadar orainn chómh dlúth san a's go rabhadar ag cimilt dá chéile: chómh dianchómhgarach san: 'n-a dtromdhíormaidhibh. éadach sníghte go dlúth: na snáithínidhe go daingeanchurtha ar a chéile. Dóirse dlútha gan beann aca ar sín ná ar aimsir: daingne, láidre, taithigeacha. Mo thruagh go dlúth thu is deacair géilleadh do gach scéal do chloisfeá: go mór. An chruinne dhlúth so go bhfuil do chos uirthe: an domhan taithigeach, fuaimeantamhail. Fuaireas buille dlúth i gcródh an chinn de spara iarainn a bhain dem threóir me: buille go raibh fuinneamh agus dúthracht leis. An té ná cuireann roimis go dlúth a shlighe bheatha do

ghnóthughadh bíonn thiar air: go dúthrachtach: lán-inntineach ar éirghe leis. Ná fan chómh dlúth ar an dtaobh clé den mbóthar nó raghair 'on díg: chómh dian-athchomair. An leabhar go dlúth dúnta: dúnta go maith. Fear láidir seadh é ar an ndéanamh dlúth atá air: tiugh, fáiscighthe. Deirtear go bhfuil dúnta na Frainnce agus na hAlmáine chómh dlúth ná déanfadh piléar na pléascán a mbascadh: daingeantáidhte.

dlúth: *f.1.* an snáthach (snáithín) do cuirtear sa tseól ar dtúis ar a fhaid; gabhann. Dlúth ort! (tiomna): mo mhallacht ort! Dlúth ort! ná fanfadh socair: greim go raibh ort: isteach in áit do-fhágtha go gcuirthear thu! Dlúth air! níor ghábhadh dho bheith sprionnlaithe: léan air: mío-ádh air. Tá sé fial? sin é dlúth agus inneach do cuireadh fé: budh dhual do bheith fial ó thaobh a athar is a mháthar. "Ní dlúth gan inneach" (seanfhocal): ní bhíonn an plainín 'n-a phlainín gan an t-inneach: ní obair chríochnuighthe 'n-a ceart í gan a díol saothair do chaitheamh léi.

dlúthacht: *b.3.* fighteacht, daingneacht, diongbháltacht; buantseasamhacht, athchomaireacht. Dlúthacht na suidheachán ar a chéile ná féadfá do chos do tharrac eatartha: a ndian-ghiorracht dá chéile. Barracht gan dlúthacht seadh í, tuiteann sí as a chéile lé brioscacht: gan táidhteacht. "Budh náireach lé haon Fhranncach ródha an dlúthacht atá idir Shasana do réabadh!!!": an chuibhreach chómhair: táidhteacht muinnteardhais. A dhlúthacht atá an charraig ní phléascfadh aon órd í: a dhaingne ar a chéile. Luigh an coirce leis an bhfliuchán toisc a dhlúthacht: an iomad léas fáis agus iad ró-gheairrid dá chéile. Bíodh dlúthacht ag baint lé nbhur rún: coingbhightear go cluthmhair, foluighthe é.

dlúthbhaint: *b.2.* gaol geairrid; cómhgas athchomair. Bíonn dlúthbhaint ar na scoileannaibh anois ag tíreólas agus stair lé chéile: múinteoir ceann aca i bhfochair an chinn eile. Bhíodh dlúthbhaint sa tseanaimsir ag an bhFrainnc agus ag Éirinn lé chéile: conbharsáid eatartha agus a dtriall ar a chéile. Sin bean go bhfuil dlúthbhaint agam léi sí mo chéile í: cómhgas.

dlúthmharbhadh: *f.* (*-rbhtha*) marbhadh d'aon iarracht ar chuid mhaith. Dhein an piléar dlúthmharbhadh ar na colúraibh a bhí 'n-a scata tiugh in aice a chéile: lomscrios.

dlúththáidhte: *a.r.* cómhchuibhrighthe go docht, daingean. Budh dhlúththáidhte bhí an cheiridhe ar an gcneadh gur strac sí léi an croiceann a's uile dhá baint anuas: luighte go ceangailte. Chómh dlúththáidhte leis an gcois sa chorcán (a bhíos in aon mháille): daingean amach 'samach. Sasana agus an Fhrainnc go dlúththáidhte sa chogadh: ceangal a's cómar ceart caradais.

dlúthuighim: *b.a. 7 n-a.* luighim ar (le) a chéile go docht; cuibhrighim go do-scartha; beirim lé chéile i gcomhad, i gcleamhnas, i muinnteardhas, i gceangal táidhte; barrógaim; cruadhaim; táthuighim. Dlúthuigh do ghéaga tímcheall na carraige agus congaibh do ghreim uirthe: beir barróg dhaingean uirthe. Dlúthuigh leis: druid leis. Duine leisceamhail ná dlúthuigheann lé gnóth, a's a rian air, is beag aige: ná luigheann lé. Mara ndlúthuighir liom ní shroichfidh mo ghéaga: druidir. Dlúightear!!!: iadhtar le chéile (saighdiúiridhe). Dlúthuightí gnóth na hÉireann ar fad i Sasana: is as amach a riartí í. Dlúthuigh na

cláracha síneála san nó beidh siolla gaoithe eatartha: luightear chómh geairrid sin iad ná beidh aon eaga eatartha. Dlúthuigh le Dia: tagadh breis chreidimh duit. Dlúthóchaidh an bharracht (suimint) san go mbeidh 'n-a chloich: déanfaidh caladh dhe. Ní chómh teann ná chómh láidir leis siúd ataoi, níor dhlúthuighis id cheart: níor chruadhais. Lé linn cogaidh ní mór d'aon tír bheith dlúthuighthe in aghaidh ionnsaighthe: a neart uile do bheith bailighthe i bhfochair a chéile.

do: *réamhfhocal* ag obair etc. dhom; an fhaid; i rith na haimsire go rabhas. Ag obair dom seadh briseadh mo chos. Ag paidireóireacht di tháinig laige uirthe: lé linn. Le linn dom éirghe: ar an am gur éirigheas. Ní feas dom cad is ceart dom do dhéanamh: níl a fhios agam. Ní creidte dhuit é, ní cóir duit a chreideamhaint. Ní hiongadh dhuit bheith láidir, sin é adeir do chuid bídh a's do dhíomhaointeas leat: ní cúis iongadh d'aonne é. Ní nár duit bheith mórdhálach as do chródhacht, tá éacht déanta agat: cúis mhórdhála agat. Dá mbudh ag bailiughadh cheirteach do dhuine é níor thugtha dho bheith sprionnlaithe: dá mbeidhfeá ar an aiste dhealbh san fiú amháin – ní ionmholta bheith sprionnlaithe. "Cad é sin don té sin ná baineann san leó?" (rádh) : cad é a bhaint leis. Cuir ar a shúilibh dho bheith aireach: i gcuimhne dho. "Connus tá an cogadh ag gluaiseacht?" – "tá a fhios agam san duit": is féidir liom mór-chursíos do dhéanamh air. Ní fheadar, ach tá a fhios agam duit an méid seo: seo is féidir liom a innsint duit. Sí an fharraige ná beadh i bhfad ag oscailt do shúl duit: ag tabhairt do mheabhrach duit. "Connus atáthar duit?" – "mar táim dóibh": an déanamh. "Connus tá do shláinte?" – "is leór dom mar tá agam": níl cúrsaidhe gearáin agam. "Ó Dhún Chaoin dom": sin é m'áit dhúthchais. I bhFrainncís don leabhar so atá dhá léigheamh agam: scríobhtha as an dteangain sin seadh tá sé. De mhuinntir Mhurcadha dho: sin í an tsloinne atá air. Do ghrásaibh Dé, cár ghaibis chughainn: ceann de ghrásaibh Dé tú do theacht gan choinne leat. Cén fáth me do bhualadh: bualadh do thabhairt dom. Níor bh'fhearrde thu me do dhul abhaile: mo dhul. B'fhearrde thu me do bhualadh (searbhas): a shlán fút a dhéanamh. D'ainmeachaibh an dreama a throid annso síos: maidir le: sid iad iad. Do réir (dréir) mar tá scríobhtha: fé mar tá etc. An iomdha duine do láthair: ar an láthair: ann. An leabhar do bhí sé féin do léigheamh: a bhí aige dhá léigheamh. Léigh dhuit féin an caibideal san: léigh é lé dóigh do shásta. Dom-sa an chainnt seo a's ní dhuit-se: orm-sa amháin atá sí dírighthe. Ar a rádh dhó: a thúisce adubhairt sé é.

dó: *baintear áis mar ainmfhocal don uimhir* Díolfair fé dhó as so: dhá uair: dúbailt. Thuiteas fé dhó fén ualach: dhá uair. Chailleamair na céadta fear leis an gcath deireannach, ach díolfaidh an namhaid a haon 'sa dó as: go trom: caillfid breis mhór 'n-a dhíol linn. Ráinigh dó nó trí phúint im phóca: beagán. A dó a chlog. Thugas a dó a's seacht bpingne air: dhá scilling etc. Táimíd a dó is dó ghaol: clann na beirte. D'áirigh sé tharais a raibh aige – a haon 'sa dó: mórchuid. An dó triuch, muilleat, hart, spéarat: cárta go mbíonn dhá bhall amháin air. "Cad é an t-aos atá aige?" – "tá sé ann ó bhliadhain a dó": riamh!: an-aosta. Díolfar mo chuid fiach liom-sa, a haon 'sa dó: gach pingin díobh.

do-aighneasach: *a.* ciúin, tostach, gan chainnt, neamhchonspóideach. Focal ní bhfaghfá uaidh dá mbeadh sé i rith a shaoghail id chuideachtain. Duine do-aighneasach seadh é: gan chainnt, gan fonn cuideachtan. Cuireadh cúrsaidhe do-aighneasacha 'n-a choinnibh a

bhí déanta go héagcórach aige, agus bhí béal ciúin aige: nár bh'fhéidir d'áiteamh. "Fíridhe do-aighneasacha na cúise": tosca nách féidir do bhréagnughadh.

do-áirmhe: *b.4.* iomadamhlacht; dochuimse. Do-áirmhe grásta Dé: iomadamhlacht a ghrás: oiread díobh ann a's nách féidir cur síos ortha. Do-áirmhe gainimhe na trágha: a líon níor bh'fhéidir d'áireamh. Cuirfidh Hitlear do-áirmhe saighdiúiridhe sa chath: líon gur dheacair a gcómhaireamh.

do-áirmheach: *a.* deacair a líon do chur síos go beacht. Na maitheasaidhe do-áirmheacha do rinne sé i ndéirc, i gcarthanacht, i gcomaoin: iomadamhla: mórchuid maitheas. Chómh do-áirmheach lé gainimh na trágha: chómh deacair do ríomhadh le, etc.

do-aistrighthe: *a.r.* doghluaiste, dochorraighthe; doi-iomchair. Carraig dho-aistrighthe gur caitheadh éirghe aiste: nár bh'fhéidir bogadh ná sáthadh do bhaint aiste. Ualach do-aistrighthe d'fhear seadh leathchéad cloch meádhachtainte: ná féadfadh d'iomchar ó áit go háit eile.

do-aithnid: *a.* gan aithne do bheith air; iasachta. Bhuail fear do-aithnid an doras isteach chughainn, níor bh'eól d'aonne a ainm ná a dhúthaigh: iasachta. Thóg na hiascairidhe breac do-aithnid 'n-a líontaibh: de shaghas éigin ná raibh aon dul amach aca air.

do-aithriste: *a.r.* ná leómhfadh a innsint: nár bh'fhéidir trácht air, do-ráidhte; dolabhartha. As mo bhéal ní thiocfaidh choidhche an chainnt do-aithriste a tháinig uaidh sin, bheadh eagla orm: cainnt ná raibh oireamhnach lé rádh lé holcas nó gairseamhlacht. Cuireann a bhréithre fearg do-aithriste orm: fearg nách féidir liom a luadh lé n-a méid. Ciall eile do-aithriste leis an bhfocal san againne annso: ciall neambanamhail. Na mílte do-aithriste as so go hAstráil: gur deacair d'áireamh.

do-athruighthe: *a.r.* nách féidir malairt crota nó meóin do thabhairt air. An duine do-athruighthe céadna mar bhí ag baile, dá gcaitheadh a shaoghal thar lear, gan éirghe anáirde ná tuinne chainnte: gan luath-inntinn: malairt meóin, béas etc. Saoghal do-athruighthe ar fheabhas seadh saoghal so an chogaidh: fanfaidh mar tá sé.

do-bhainte: *a.r.* deacair lé tarrac, baint, gearradh, romhar. Talamh do-bhainte: go mbeadh fiadhaile nó fuiligh nó salachar éigin ag fás trí thoradh na talmhan a's go mbeadh ceangailte, righin dá deascaibh: cruaidh: fáiscighthe ar a chéile. I nDomhnall Ó Bruighin chuaidh piléir do-bhainte gan a chur i gconntabhairt a anama. Dealg do-bhainte gan dochtúir: andhoimhin isteach. Féar, aiteann, coirce etc. do-bhainte gan speal go bhfaobhar líomhtha: docht. Greim chómh daingean aige ar a chuid airgid, chómh do-bhainte díreach leis an gcois as an dtuairgín: doscartha lé. Is cuma cad déarfá leis, fear do-bhainte seadh é: nách féidir colg nó fearg do chur air. "Fiacal do-bhainte í seo", ars an fiaclóir, "is éigean dom 'instealladh dearmaid' do thabhairt duit": nách furaiste do stathadh as a préachaibh.

dóbair: (**d'fhóbair**) beagnách, nách mór; do thárlaidh nách mór. Dóbair dom dul abhaile: ní mór ná go ndeachas. Budh ró-dhóbair dom: chuadhas i bhfíor-ghiorracht do rud éigin

(go mórmhór olc) do thárlachtaint dom. Nár dhóbair é do bháthadh an lá chuaidh sé trí huaire fé loch agus gan snámh aige: ná raibh sé ar baoghal mór bháis. Budh dhóbair dom tú do bhualadh gan choinne: is beag eile ná... Sin í an bhean a dóbair do phósfainn: nách mór ná gur phósas. Dóbair do bhás a bheith againn: angheairrid do. ("D'fhóbair" ar nós "d'fhág" etc. ar dh'fhóbair? ar dh'fhág: níor dh'fhág etc.)

do-bheart: *b.3.* gníomh olc, gníomh fill; drochmhaise; drochchomaoin. Ceangladh de phléascánaibh iad agus séideadh san aer iad, an do-bheart is measa dár thárlaidh sa tír riamh: gníomh olc, aithiseach. Do-bheart in aghaidh na do-bhearta: drochchor i ndíol drochchuir. Tréis ar thugas do riamh agus níor bh'í an chaolchuid í budh dho-bheart uaidh me d'eiteach: cúiteamh nár thuilleas.

do-bheartach: *a.* droichghníomharthach, olc, drochchomaoineach. Budh dho-bheartach uait gan an dall do threórughadh treasna na sráide: níor mhaise uait sin. Duine do-bheartach dob eadh é, bheith 'n-a spiaire fé iadh an tighe againn agus díol ceana aige uainn: droichghníomharthach. Rud do-bheartach duine d'eiteach a's cao thabhartha agat: neamhfhearamhail.

do-bhéas: (**-bheus**) *f.3.* béas nó gnás míothaithneamhach, nós olc. Do-bhéas duit, a leinbh, suidhe chun búird ar maidin gan tú féin do nighe a's do ghlanadh, a's do ghléasadh: béas gránda, míoghasta. Do-bhéasa na gile gréine do chleachtaid san tír dhiamhair úd, mar atá feóla daonna etc. Do-bhéas dhuit fanacht amuigh ón Aifreann: drochshomplach.

do-bhéasach: *a.* míbhéasach, drochnósach. Ní dhéanfadh Éire dhíot ach táthaire do-bhéasach gan freagra do thabhairt ar labhairt leat: duine go mbíonn iomchar gránda neamhthaithneamhach fé. Caitheadh iad do ruagadh ó scoil ó bheith ag cleachtadh nós do-bhéasach: nósa in aghaidh cádhais.

do-bheirim: *b.a.* aistrighim (rud) chun, iomcharaim; ghním; caithim. Do-bheirim duit é mar bhuachaill, a lithéid de léim ní fheaca riamh: tugaim suas duit é: is tú is iongtaighe liom. Beir leat gur mise an fear duit aon lá is maith leat: bí deimhnightheach de: tabhair fé ndeara, gan aon dearmhad leis. Labhair airís, ní bheirim liom do chuid cainnte: ní thuigim í: ní bhfaghaim bun léi. Ní bheireann an bhó san an dáir léi: tagann fé athdáir. "Mo bheannacht do-bheirim do" (rádh): táim lántsásta bheith scartha leis, nó táim buidheach dhe agus tá mo dheighmhéin 'n-a bhóthar. Do-bheirim soir siar thu agus ar bhain leat: don diabhal! fógraim thu! Beir (tabhair) aghaidh ar do chuid oibre: ionnsaigh í chun a déanta. Ní macánta bhéarfá aonnidh leat: a ghnóthófá. Ó tá cómhacht agat air agus go dteastuigheann uait airgead d'fhagháil ar iasacht do-bhéarfainn air dul in urraidheacht orm: thathantóchainn nó chuirfinn iachall air. Cad bheir duit me do thréigean a's malairt iontaoibh agam asat?: cad fé ndeár dhuit: cad budh bhun nó adhbhar. Chuir rud éigin brón ort? cad do bheir as duit?: cad do chuir trí chéile thu? Do-bheirimse "riabhach" (an diabhal) mhuis! dá bhfaghainn greim ort: tugaim mo mhóide go láidir. Do-bheirim i gcuimhne go maith an chéad lá agus a chúis agam: tagann go soiléir chugham. Go dtugaidh Dia an suaimhneas síoraidhe d'anamachaibh na marbh go léir agus ar aonne a ghoillfeadh ná fhóirfeadh orainn go mórmhór: go bhfaghaidh uaidh é. "Tiocfaidh an lá go

mbead saidhbhir" – "go dtugaidh Dia san": go mbronnaidh Dia san. Bhéarfainn an lá ag éisteacht leat lé sástacht cheart: chaithfinn. Dia a thug dom dul abhaile agus gan dul ar an luing a báthadh: b'é Dia a chuir im chroidhe dul. Cad tugtar air?: cad é an luach, an ainm? Thugas an oidhche fheanaideach as cois claidhe: chaitheas. "An ólfair braon, a Shéamais?" – "do-bheirim a chead": go fonnmhar. Do thugas air feighre bróg do dhéanamh dom: d'iarras, agus d'aontuigh. Thug sé é féin d'iarraidh a bheatha do shaothrughadh i gcruadhtan 'si mbochtanacht: chuir sé é féin thar a riocht: chuaidh sé ródhian air féin. Ní hiontugtha d'aonne do-bheart do dhéanamh ar dhuine lag: ní hionmholta: ní maise dho é. Ní hiontugtha do dhuine é féin d'fhliuchadh: cuireann sé é féin i mbaoghal díoghbhála a shláinte.

do-bhriseadh: *f.* (*-ste*) briseadh ó thalamh, réabadh; ruagadh dearg. Cuireadh an do-bhriseadh orainn, mar bhí breis na bhfear a's na n-arm 'n-ár gcoinnibh: buadhadh orainn a's ruagadh sinn. Tá an do-bhriseadh anois ort: tá deireadh leat: níl aon teacht suas agat.

dó-bhriste: *a.r.* briste brúighte, 'n-a chiolarachaibh. Mo phíp ghleóidhte dó-bhriste agat, a anntráin féd chois: 'n-a brúscar: 'n-a mion-mheilt.

do-bhriste: *a.r.* ar dháil nár bh'fhéidir do bhriseadh. An spirid do-bhriste in aghaidh amhgair agus géirleanamhna do chonghaibh an creideamh beó in Éirinn: nár bh'fhéidir do chlaoidhe dá mhéid a fulang.

do-bhriste-chroidheach: *a.* ar dháil nár ionchlaoidhte croidhe (ag). Tréis na tuargana do fuair sé, a bhochtnughadh trí huaire, lámh is cos leis do chailleamhaint nár dho-bhriste-chroidheach é go ndeaghaidh i bhfeighil a bheatha airís.

dó-bhuile: *b.4.* fearg uathbhásach; díbhfearg; báinighe. Lucht na dó-bhuile is éigean a gcur fé choimeád.

dó-bhuille: *f.4.* buille trom; stiall dhiacrach. Gan choinne agam leis fuaireas dó-bhuille treasna an leathchinn a threascair ar m'fhaid a's ar mo leithead me: buille go raibh fuinneamh a's dlúthaidheacht ann. Thug sé dó-bhuillidhe uaidh (rádh) .i. ní raibh sé chun deireadh in ao'chor san achrann 'n-a rángaidh sé.

dobrón: [**dubrón**] *f.1.* brón trom; atuirse. Dobrón ár ndúthaighe bás an Phiarsaigh: claoidhe trom seasamhach inntine na ndaoine. Cad do bheir dobrón ar ár mbuachaill indiugh (i seódh)?: cad fáth é do bheith in ísle bhrighe?

dobrónach: [**dubrónach**] *a.* doilgheasach, dubhach, dolásach. Is dobrónaighe do bheinn i ndiaidh mo choise 'ná i ndiaidh mo láimhe: is mó do ghoillfeadh a dochar orm. Cad do bheir an chuma dhobrónach ort, níl seódh ná gáire asat: duairc: gan gealadhram. Rud éigin ghom dhéanamh dobrónach gan adhbhar soiléir agam leis, admhuighim: gan beódhacht nó éascaidheacht spiride. An focal dobrónach do shíor aige, eagla roim chogadh indiugh, roim ocras ambáireach: gearánach: clamhsánach: cráidhte: cumhach.

dobuan: *f.1.* floscaidhe lachta mion minic as an ionnathar.

do-bhuidheachas: (**do-mbuidheachas**) *f.1.* dáil gan bhuidheachas; mípháirt; ceal teasbánta buidheachais. "Dobheirim-se 'on diabhal thu!" ars an fear gur thugas biadh dho; sin é an do-mbuidheachas agat: an teasbánadh béil ná raibh aon admháilt mhothálach mo mhaitheasa air aige. "Beagmhaith an t-arán so", ar seisean, ar fagháil cannta dhe dho agus ocras air, b'shin do-mbuidheachas agat: comaoin olc i ndíol na maitheasa a deineadh air.

do-bhuidhean: *b.2.* drochchómhluadar. B'iad na dubhchrónaigh an do-bhuidhean, gur bheag ortha marbhadh duine agus éirleach: droichbheartach: buidhean urchóideach.

doc: *f.1.* (**doic**) col (lé); fuath; mídhúil; neamhfhonn; laige croidhe; spronn. Níor chuir sé aon doc air siubhal i gcuilithe na síne agus an phludaigh: aon mhairg. "Níor bh'aon doc agam tu do sháthadh!": aon nath scian do chur ionat. An mbeadh aon doc agat teacht liom, tá a fhios agam nár cheart dom a iarraidh ort: aon chol: cur in aghaidh. "Go raibh maith agat ar a shon" – "ní haon doc é": ní fiú biorán a's é.

dócha: (*c.bh.* dóichighe) *a.* $_7$ *do-bhriathar* go hinmheasta; cosamhail; deallramhtach; dar (le). Is dócha go mbeidh sé annso ar an dtraen ar a hocht a chlog, ach budh dhóichighe dho bheith annso ar a seacht dá dtagadh sé ar ghluaisteán: is cosamhail...ach budh chosamhla... "Is deallramhtach ná tiocfaidh sé ar dhéidheannaighe atá sé agus ar dheireannaighe atá an uain" – "ní dóichighe-de dho": ní cosamhla rud a dhéanfadh sé. B'fhéidir go mbuadhfainn duais ar an gcrannchar; níor dhóichighe riamh é: rángóchaidh sé go ndéanfainn chómh deimhnightheach lé rud ar bith eile. Níor dhóichighe dhuit fear a bhuailfeadh isteach chughainn anois ná Seán: tá an oiread dul ar é do theacht lé neach éile. Níor dhóichighe riamh (ar domhan) é: d'fhéadfadh sé bheith i gceist díreach lé gan a bheith: níor dheallramhtaighe. "An mbeir ann?" – "níor dhóichighe-de (dhuit) fear de": tá gach aon dul ar me do bheith ann agus tá ar aonne. Téidhir go dtí an té gur dhóichighe airgead aige 'ná agam-sa, ghá lorg air: budh mhó go mbeadh deallramh air. Is é is dóichighe 'ná a chéile go mbuadhfar sa deireadh air dá fheabhas atá sé ag breith na gcos leis: tá cosamhlacht 'n-a choinnibh.

dochras: (**doichreas**) *f.1.* gortughadh; cur siar; aimhleas. "Cad é an dochras duit mise do bheith id chosaibh?" - "so, go mbeidhfeá mar ualach orm, mar ná fuil pingin id spaga": cursiar. Cá bhfuil an dochras ar do phóca scilling do chaitheamh anois 'sairís?: an scrios. Tiocfaidh dochras ar an ím mara gcuirtear salann air: olcas: raghaidh sé chun deiridh.

dochaiseach: *a.* goirtightheach; athumhalta; míocháirdeamhail. Labhair sé go dochaiseach liom nuair iarras lasán air, "ní bhfaghair", ar seisean: go hathumhalta: neamhmín: neamhmánla. Thugas súil dhochaiseach air go dtuigfeadh aonne ach é nár thaithnigh liom cad bhí ar siubhal aige, agus gur cheart do staonadh: féachaint dhío-umhalta: neambáidheamhail. B'é an lá dochaiseach do Shasana an "Royal Oak" d'imtheacht ar tóin: caillteach. Tagann gach aon rud go dochaiseach air, mar ná beireann sé foidhneach ar a chúram: cruaidh, dian. Is tú an lámh dhochaiseach dhom, is minic tinn tu agus is rómhinic díolta as dhochtúir leat: costaiseach.

dochaithte: *a.r.* fuilngeach (fulangach); deacair do chaitheamh, d'itheadh, d'ól; buantseasamhach. "Sin peictiúir fir atá céad agus chúig bhliadhna d'aois a's é ag obair 'sag gnóth fós" – "nár dho-chaithte an buachaill é": fulang aige ar aos, obair 'san saoghal. Trí bliadhna sheasaimh na bróga liom, iad orm gach lá, nár dho-chaithte an leathar a bhí ionta?: deacair do chnaoide lé haimsir, áis nó cuimilt. Beann níl aige ar dhroch-úsáid, fear folláin, do-chaithte é: ná fágann duadh rian air. Feóil do-chaithte seadh feóil chapaill tréis an tsaoghail: do-bhlasta lé n-itheadh. Bróg dho-chaithte seadh í, tá sí ag luighe ar mo sháil: gur deacair siubhal innte. Daoine is do-chaithte 'ná a chéile: is buaine, is mó fulang.

do-chaithteacht: *b.3.* ar dhóigh nó dáil bheith do-chaithte. Mochóirighe, dianobair, beag-bhiadh b'shin é a dháil, agus féach an crot láidir atá air: sin é an rud go dtabharfainn-se do-chaithteacht air: ceal tréigin in aghaidh an uile-shaghas anacra. Is fiú breis a's púnt an ball san lé n-a dho-chaithteacht: deacracht a snoighe nó a chur chun deireadh. Is diail an t-aos atá aige, ach nách diail an seasamh atá aige; cad dhéanfadh an do-chaithteacht?: neamhchradhascalacht: gan beann. Caithfear leigheas éigin d'fhagháil don do-chaithteacht bídh atá ar an leanbh san: fuath ithte: ceal ithte.

dócamhal: *f.1.* cruadh; buaidhreamh; dochar; ceataighe, neamhsheascaireacht. An bhfuil dócamhal éigin ar an luing sin, dar leat? tá sí ag déanamh cómharthaidhe: iomard: dáil chonntabharthach. Ná raibh dócamhal cuirp ná aigne ort: buaidhreamh. Ná cuir an socamhal roim an dócamhal ag teicheadh ón gcuid is cruaidhe do dhéanamh: ag cur an ruda éigne ar an méir fada: déintear an obair sara dtéightear lé sos. Cuireann an dealg im mhéir dócamhal an domhain orm: neamhsheascaireacht: míoshuaimhneas.

dochamhlach: *a.* deacair, dian, neamhsheascair, tinneasmhar; ceatach. Is fánach duine ná gur dochamhlach leis cáin teacht isteach d'íoc: tinneasmhar: leasc. Mórán leadaidhthe gur dochamhlach leó éirghe chun a gcod bídh fiú amháin: leisceamhail: dian. Gheibheann sé an-dhochamhlach filidheacht d'fhoghluim de ghlanmheabhair: dian. Capall dochamhlach le hobair: a obann oabir.

dochamhlacht: *b.3.* cruadhtan; deacracht, iomard; teannta. Obair gan dochamhlacht nár mhór do, mar níl sé láidir: furaiste. Beidh dochamhlacht ort é seo do shlogadh, mar tá seirbhe ann: deacracht: neamhfhusacht. Dochamhlacht maireachtaint sa trínsidhibh fáth a theichte as an arm: cruadhtan saoghail. Cá maith dochamhlacht roim an mbás, tiocfaidh sé luath nó mall: dochma.

dochar: *f.1.* díoghbháil; cursiar; masla; máchail, cruadhtan, mío-ádh, cailleamhaint; donas. "Sochar a's dochar na céirde" (rádh): an méid a bhíos buaidhte agus caillte léi. Fé thuairm ár sláinte gan díth gan dochar dúinn: díoghbháil ólta. Nár né sé dochar dot anam scilling an sprionnlóra do chaitheamh: díoghbháil. Dochar dúinn ná fuil oiread ar thoradh a's bhíodh: cailleamhaint shaoghalta. Dochar ar m'anam má bhí lámh ná ladhar agam ann: masla go né dho. Mise atá fé dhochar leis an lá: caillte agam leis. Is olc é dochar na sláinte: ceal. Seadh, bídís ag cainnt leó, anois ghá mholadh nó ghá cháineadh, tá sé ó dhochar: ar shlighe na fírinne. Cén dochar?: is cuma 'n-a thaobh.

dochrach: *a.* dian, deacair, cailleamhnach, mío-ádhmharach, anacair; casta, doscaoilte. Scaoil an tsnaidhm dhochrach so, má fhéadair: achrannach, deacair. Tigh dochrach le cómhnaidhe ann, gal a's braon anuas ann: neamhshubháilceach. Bóthar dochrach lán de phollaibh: deacair do thaisteal. Ceisteanna dochracha a chuaidh díom do réidhteach: casta, mealltach. Talamh dochrach atá agam: talamh is deacair d'iondrabháil: a dheargadh, a leasughadh. Cathaoir dhochrach go bhfuil tinneas im chnámhaibh ó bheith suidhte uirthe: neamhsheascair. An rud budh dhochraighe lé duine ar domhan, ní fheadair sé ná gur b'é lár a leasa é: budh mheasa leis.

dóchas: *f.1.* súil éirightheach; coinne (amuigh), mian agus muinghin lé chéile, iontaoibh; taobh (le); tnúth; súiligheacht. "Ná déin deimhin ded dhóchas" (seanfhocal): an rud go mbeadh súil agat leis ná déin "talamh slán" de, go dtí go mbeidh id ghlaic. Ní bheinn i ndóchas de é do theacht, ar mo thaithighe féin air go gcliseann sé: ní bheadh mo mhuinghin ar fad as. "An uair a éagas an drochdhuine éagfaidh a dhóchas agus imthigheann dóchas na neamh-ionraic" (Seanráidhte XI. 7). "Acht beidh dóchas agam do ghnáth agus cuirfead i gcionn t'uile mholta" (Sailm LXXI. 14): mairfead lé súil feabhasa m'anama. "Anndóchas as thrócaire Dé", cuir in aghaidh na fírinne foillsighthe, etc.: an iomad dóchais: muinghin as Dhia gan aon iarracht ón bpeacach féin. Má tá dóchas agat asat féin, anois an t-am agat: má tá muinghin agat as t'fheabhas d'fhear bí ar do thástáil. Cuirimís ár ndóchas i nDia (guidhe): is ar Dhia amháin atá ár seasamh. Tugann buaidh an lae indiugh breis dhóchais dúinn: is mó ár súil lé buaidh fé dheóidh dá bharr. "Bíodh dóchas ag Isréal san Tighearna, óir is ag an dTighearna atá an trócaire" (Sailm CXXX. 7): muinghin a saortha. I ndóchas do mhuinnteardhais d'iarras do chabhair: ag brath ar do charadas. Bí i ndóchas de ná feallfaidh súd ort: bíodh muinghin, iontaoibh láidir agat. Is mairg duit a chur as a dhóchas é: a chuir mí-mhisneach air: "nár fhág ar a bhuille é": a chuir a aigne i mbuaidhreamh. Lucht an dóchais leanaid de bheith ag cur geall: na daoine gur dóigh leó go mbeidh toradh maith aca an uile uair do thástálaid. Gearán a's cnáimhseán ag lucht an mhío-dhóchais: an dream gur dóigh leó go mbíonn a mbascadh ós a gcionn ar gach cor. Ar an ndóchas do mhairid: lé súil go dtiocfaidh feabhas ar a saoghal congbhuighid a misneach. Mo dhóchas asat: mo mhuinghin ar fad ná clisfir orm.

dóchaiseach: (**dóchasach**) *a.* súil leis an rud maith; muinghineach; iontaoibheach, dóigh láidir; ionchas. Is deacair a rádh cé bhuaidhfidh, ach bíd go léir ag cainnt go dóchaiseach: ag súil go láidir leis. Saighdiúiridhe dóchaiseacha seadh na Franncaigh ar pháirc an bhuailte: muinghineach asta féin: misneamhail chun buadhachtainte. Mol an óige, bíonn sí dóchaiseach: lán de gheallamhaint: muinghineach aiste féin. Toradh dóchaiseach seadh an chruithneacht ambliadhna gen aimsir bhreágh: geallamhnach go mbeidh sí go maith.

do-cheannsa: *a.* ceanndáine, díothúmhalta; dothláthuighthe. Scoláire do-cheannsa ar scoil dob eadh é, ní fhoghlumóchadh sé dada agus níor bh'fhéidir smacht do chongbháil air: doi-riartha: deacair cóstáil leis. Déineann ocras agus droichdhéanamh do-cheannsa an té is míne: neamhthláth, neamhshocair: ionfartach: corrathónach. Bítear go do-cheannsa leis an té a bhíos ag brath ar cách: neamhthláth.

do-cheannsacht: *b.3.* mímhíne; ceanndáine; neamhthláithe. Bíonn do-cheannsacht ag baint le leómhan a's é do chlaoidheachtaint le cleasaibh an domhain do dhéanamh don

duine: neamhionramh: ceal míne. Do-cheannsacht an gharsúna ná foghlumóchadh sé faic ar scoil ná ag baile: doiriaracht: dáil gan bheith féicheamhanta do smacht. Dá fheabhas do bhíos dóibh ní bhfuaireas uatha ach an do-cheannsacht, droichdhéanamh agus an focal borb: neamhmíne: gan bheith lághach ná muinnteardha.

do-cheannsuighthe: *a.r.* doi-mhínighthe, doi-mhínightheach, do-smachtuighthe. Bhriseas mo chroidhe d'iarraidh muinnteardhais do dhéanamh leis; tá sé chómh do-cheannsuighthe a's dá mbudh ag gabháil air do bheinn: fiadhain: do-thabhartha chun tíorachais. Capall do-cheannsuighthe nár bh'fhéidir do chur fé thrucail: nár bh'fhédir do bhréadadh nó d'ionramh. Olc thar na beartaibh air chughat, ach mo thuairm ná fuil do-cheannsuighthe: do-mhuinnteardhais.

do-chidhim: [**do-chídhim, do-chím**] *b.a.* mí-riaghalta; dearcaim; amharcaim; tugaim fé ndear (fé ndeara) leis an súil, inntin; téighim do thuairisc; breithnighim, leagaim súil (ar); scrúduighim. Fic leathanach a sé: faigh amach agus tabhair fé ndeara cad tá uirthe. Fic na tighthe: féach ortha. Fic ar dtúis é sara ndéinir do mhargadh: leag do shúil air agus scrúduigh é. Fic chughat a's uait sara dtugair drochsháthadh dhuit féin: breithnigh go maith connus mar tá. "Dobrón dod mhuinntir, anacair duit féin dul 'on chogadh" – "chídhim sin": tuigim sin: is soiléir dom san. Chonnac uaim long ag bun na spéarach: in achar thug mo radharc chun cruinnis í. Go bhfeiceadh an saoghal mór thu chuirir an hata suaithinseach ort?: go mbeidís ag dearcadh ort: ag tnúth lé n-a mbreithniughadh. Chídhfí ar adhastar ag an ndiabhal me sara ngéillfinn órdlach: b'fhearr liom bheith mar sin. Cad chídhir orm-sa, ughaim a's srathar?: cad atá bunóscionn liomsa seachas cách, dar leat? Chídhim ort ná fuilir ar fóghnamh: mo thuairm tréis amhairc ort. Chídhim ón bpáipéar go bhfuil aicíd ann: airighim ar: a thuairsc agam ar. Ní cidhtear dom-sa go bhfuil mágáine ort: ní hé mo thuairm. Chidhfeadh sé frigh do bhaint ist oidhche: radharc maith aige.

do-chlaoidhte: *a.r.* do-chortha; buan; do-sháruighthe, do-thuirsighthe; do-chonncais. "Arm do-chlaoidhte againn", arsa Hitlear, "nách féidir lé cómhacht Shasana a's na Frainnce do chur ar lár" nách féidir do chur fé chois. Ag saothar ar son an tighe go do-chlaoidhte, ag tarrac anoir 'saniar chuige: gan tuirse, gan leisce, gan stad, gan staonadh! An duine éirimeamhail ní mór do mochóirghe, áirneán agus leanamhaint dá bheart go do-chlaoidhte, síor-aireach, ní mór do bheith go do-chlaoidhte aireach: síorfhoidhneach, umhal: gan staonadh: gan tuirse do bhuadhachtaint ar a aire. An é seo Oscar do-chlaoidhte ar lár!: nár bh'fhéidir buaidh do bhreith air.

do-chlaoidhteacht: *b.3.* ar dhóigh nách féidir a threascairt. Gaoth, farraige ná gunnaidhe móra níor shaoileadar go mbascfadh lé n-a do-chlaoidhteacht: fulang thar meón ar aon ósbairt. Beann ar bith níl ag do-chlaoidhteacht na gcoinínidhe ar ruibeadh, ar innealaibh, lámhach ná madraidhe san Astráil: neamhdhul ar a gcoscairt.

do-chlaonta: *a.r.* do-lúbtha; doi-iompuighthe; doi-mheallta; neambáidheamhail, díreach. Duine do-chlaonta 'n-a thuairmidhibh, ná bíodh eagla ort ná go bhfaghair do cheart uaidh: ná gabhann lé tuairmidhibh roim ré gan a scrúdughadh: ná bíonn léighe aige lé taobh seachas an taobh eile lé fáth éigin seachas an chóir. Bíodh iomchar do-chlaonta fút a's ní gábhadh dhuit náire ná eagla do bheith ort: lean an casán díreach. Ní maitheas

bheith ag áiteamh orm anois, tá m'aigne do-chlaonta chun a dhéanta: ní féidir í d'atharrughadh. Aimsir dho-chlaonta ar triomacht seadh í: gan fonn uirthe casadh ar aimsir thirim.

do-chluinim: (**cloisim**) *b.a. mí-r.* éistim lé; airighim leis an gcluais. "Ná feic a bhfeicir a's ná cluin (clois) a gcluinir (cloisir)" (seanrádh): leath na rudaidhe do chídhir agus do chloisir ná cuir suim ionta nó ná haistrigh a n-aithris as an mball. An gcloistí é ag cainnt ar an gcogadh?: nách fé atá an fuadar nó an tabhairt eólais, dar leis. Cloisfidh an sagart faoisdin tráthnóna: éisteóchaidh. Chloisfeadh sé an féar ag fás: tá éisteacht ghéar aige. Cloisim a lán: tagann mórán scéalta a's tuairiscidhe chun mo chluas. Cloisim tu: táim aireach ar an nidh atá dhá rádh agat. "Cloisim go rabhair ar meisce" – "nár chloisir an chuach!" (tiomna), deirtear so trí mhíoshástacht lé duine. Clois mise ar dtúis, ná leig ort go bhfuil aithne agat orm, annsan leig ort go bhfuil míchéadfadh ort: tabhair aire mhaith don méid adeirim leat.

dochma: *f.4.* neamhfhonn, neamhdhúil; mothúilt leasc chun tabhartha fé aon rud. Siúd é go raibh an dochma roimis an mbás aige (go raibh dochma an bháis) gur dheacair leis scaramhaint leis an saoghal so: gur leasc leis aghaidh do thabhairt air: géilleadh go humhal do. Cuireann an bóthar fada dochma orm: mífhonn tabhairt fé. Lé dochma do phós sí é: i gcoinnibh a tola. Bíonn dochma aca roim iasc: b'fhearr leó feóil: ní háil leo feóil d'itheadh. Budh mhilis dhá ól aige é ach lé dochma bheith ag díol as: mara mbeadh an leisce etc. Luigh linn, níl aon dochma againn léd chuideachtain: míothaithneamh. Bíonn dochma éigin i gcómhnaidhe air (ar imthigh an dochma fós de?): míoshástacht a dhála beatha. Cad é an dochma atá annsan ort ná fanfá socair?: mísheascaireacht. Bíonn dochma ag an laige leis an obair: míghean. Fear go mbíonn dochma ges gach aonne roimhis: go mbítear ghá sheachaint.

dochma: *a.r.* (**dochmamhail**) doicheall; leasc; neamhfhonnmhar. Leig don nduine dochma, is fearr uaith é 'ná agat: an duine leasc ní mór a dhéanfadh sé. Dá mbeinn chómh dochmamhail lé daoinibh áirighthe (slighe lághach chun tagartha do dhuine gur b'eól cé hé) bheadh náire orm labhairt ar ghreann: searbh: gruamdha: canncarach: dúránta. Budh dhochmamhla liom obair oidhche 'ná obair lae: budh lugha b'fhonn liom a hionnsaighe. Is dochmamhail liom mar chuideachtain sibh, raghad mar a bhfaghad cainnt a's seódh: neamhchainnteach, codranta.

dochmacht: (**dochmamhlacht**) *b.* neamhfhonn; ísle croidhe; mímheanma; doicheall; neamhfháilte; dúrántacht. D'aithnigheas ar a ghné go raibh dochmacht air rómhainn sa tigh: ceal fáilte. Ní le dochmacht rómhaibh nár thugas biadh dhíbh ach dochmacht a ullmhuighthe: ní lé ceal fáilte rómhaibh ach leisce roim an nduadh a bheadh de bharr a ullmhuighthe a's a chóirighthe. Is geairrid bheidh neach ag dul thar doras chúcha lé n-a ndochmacht, gach duine aca 'n-a "dhúra dara", gan mhaith, gan olc: gruamdha, duairc, míbhéasach. Daoine fiala, is ortha ná raibh an dochmacht rómhainn, is iad a bhí go hoscailte, fáilteach: ceal sástachta sinn do bheith ar coinnimh aca.

dochoimsighthe: *a.r.* dosháruighthe, dothuigse, do-threóruighthe. Bíonn neart dochoimsighthe in uain farraige mar réabann sí long as a chéile agus an charraig chruaidh

féin: ní féidir cur síos uirthe lé neart. Is fada, is farsing 'sis doimhin 'sis dochoimsighthe í an bhóchna: gan teacht anuas uirthe. Trí rudaidhe áirighthe ag an seanfhocal do bheith dochoimsighthe: "obair na mbeach, teacht is imtheacht na taoide, agus inntin mná idir bheirt fhear": nár bh'fhéidir lé fear léigheamh ortha.

do-choiscthe: *a.* neamhfhonnmhar, athumhalta, dúr, leasc; do-thoirmeasctha, urchóideach, coirptheach, gan col; gan cosc. Ní hearraidhe do-choiscthe gunnaidhe in aimsir chogaidh: ná fuil dlighe lé n-a n-iomchar mar allmhuiridhe. Aonne gur mian leis é féin d'ídeach tá sé do-choiscthe air: fé féin atá: níl a bhac san air. A mhianta do-choiscthe cearrbhachas a's achrann a's póit a bheir a threascairt: mianta gan srian: go raibh rith an bháin leó. Tá ógánaigh na haimsire do-choiscthe ar an rinnce, ní ghéillid don dlighe ná don gcléir: ní féidir bac do chur ortha. Bíonn breóidhteacht do-choiscthe don saoghal mór: bíonn gach aonne claon lé n-a fagháil. Fíon Spáinneach ag gluaiseacht go do-choiscthe ann: gan choimse, gan staon.

do-choisctheacht: *b.3.* neamhchosc; neambac; saordháil; neamhthoirmeasc; neamhshriantacht. Do-choisctheacht subháilceas malluighthe dob fhearr chun a chreachadh agus a náiriughadh: neamhsrian aoibhneasa a mhianta malluighthe. Do-choisctheacht a's ní ceal airgid do tháinig, bhí an iomad de lé caitheamh aige: saor glan chun an méid dob áil leis do bheith aige. Do-choisctheacht ar ólachán, imirt, ragairne, b'é ceap cainnte an tseanmóra: ainmhiantacht agus ainshriantacht: réim gháirseamhail gan chosc.

do-chómhairle: *b.4.* comhairle aimhleasa, droch-chómhairle, deacair cómhairle do thabhairt (do); moladh nó teagasc ná bíonn ar fóghnamh; machtnamh gan stuaim. Ar dho-chómhairle an duine ghlic seachain tú féin: teagasc míthreórach an té bheadh ghod chur ar do mhíleas go feasach. Do-chómhairle dhuit dob eadh do chuid do chaitheamh in aonfheacht, níor thugtha dhuit é: budh mhairg a thabharfadh gníomh don mhachtnamh san. Mara féidir leat so-chómhairle do thabhairt uait ná tabhair do-chómhairle, mar ná leanann an rath í: cómhairle lé hinntin míomhaitheasa do dhéanamh. Do-chómhairle don bPólainn dul chun catha leis an Almáin i ndóchas cabhartha na Frainnce is Shasana, gan bheith deimhnightheach de: machtnamh míostuamdha. B'fhada ag imtheacht ar do-chómhairle dho gur chuir Dia ar a leas é: imtheacht gan fuaimeant.

do-chómhairleach: *a.* deacair cómhairle do thabhairt do nó olc i dtabhairt cómhairle. Is cuma cad déarfá leis a dhéanamh chun a mhaitheasa, tá sé chómh do-chómhairleach san ná déanfadh rud ort: dúr, daingean 'n-a thoil féin. Teagasc do-chómhairleach do leanbh eólas ar thobac do thabhairt do: a shamhlughadh leis. Leid dho-chómhairleach fuair sé ón ndochtúir tabhairt fé dhul 'on ósbuidéal a's é ró-lag: éachtaint: tagairt.

do-chonách: *f.1.* mío-ádh, mí-rath, míothapacht; aindeise, tubaist. Do-chonách ort!: an mío-ádh ort! Dá mbeinn ag ceannach tuicéadaidhe go Lá an Luain ní éireóchadh liom fén gCrannchur. An do-chonách ghom leanamhaint go deireadh na scríbe: mí-rath: mí-éirghe. Tír do-chonáigh seadh an Phólainn, is minic gabhtha, scriosta í: dúthaigh mhío-áidh. Do-chonách a bheart air, an bitheamhnach: go dtéighidh go holc air – a thuilleamh.

do-chorruighthe: *a.r.* deacair do chlaoidhe, do chorraighe; do bhaint de bhonnaibh; do thógaint (dún nó daingean). Oiread is deóir níor ghoil sé ar bhás a mhná, nár do-chorruighthe an fear é?: deacair brón do chur air. Cailín leisceamhail, do-chorruighthe nár mhór duit an biadh do chur ar an mbórd chúiche: mall, righin, leasc ar a gnóth. Mara chéile dhuit obair do bhaint as nó as an gcnoc san thall, chómh do-chorruighthe céadna: chómh deacair bogadh do bhaint as. Dá mhéid ólann sé fágann sé do-chorruighthe é: gan groga as: gan bheith ar meisce. Cluas dho-chorruighthe a thug sé dom ghuidhe: an rud a iarras air ní bhfuaireas ná dul air.

dochrach: *a.* brónach, truagh, dubhach, díoghbhálach; goirtightheach. Sé mo chroidhe atá go dochrach cráidhte: fé bhrón agus cailleamhaint. Is dochrach liom an ósbairt do thárlaidh don bPólainn: is truagh lem chroidhe istigh. Budh dhochrach an bheart do dhein sé an lá shúngcáil sé a chuid airgid i mianaibh a theip: mío-ádhmharach. "An bhfuil an lannsa san dochrach ort?", ars an dochtúir: goirtightheach. Aimsir dhochrach fhuar: fuar amach 'samach. An raibh an gluaisteán san dochrach ort?: ar dhíolas mórán as? Mar gheall ar dhíoghbháil dhochrach cuirp do dhéanamh dom gearradh leathbhliadhan príosúin air: máchaileach. Peann dochrach é seo agam: peann a chuireas duadh orm.

dochracht: *b.3.* míoshuairceas; neamhfhuraisteacht; duadh. Dochracht báid do choimeád in áit ná bíonn caladh ceart: deacracht a's duadh. Is dochracht liom bheith ag itheadh oraibh gan díol as, ach níl leigheas agam air: míothaithneamh.

dochraideach: *a.* duaibhseamhail; anacair, doiligh, donasach, easbhaidheach; míothaithneamhach, gráineamhail; deacair. Radharc dochraideach duine marbh tréis mí: míothaithneamhach. Budh dhochraideach an chuma do thug sluaighte na hAlmáine ar Bharsá sar ar ghéill sí: olc, stracaithe, scriosta. Beidh biadh dochraideach tá eagla orm i rith an chogaidh: gann, deacair d'fhagháil. Coir dhochraideach duine do mharbhadh as fhuil fhuar: fuathmhar. I gCiarraidhe atá na bóithre is dochraide in Éirinn uile: is measa. Scian dhochraideach í seo, gan barra, gan faobhar: aindeis: deacair d'iondramháil.

dochraideacht: *b.3.* anacar, donas, doilgheas, gráineamhlacht; aindeise; míothaithneamh. Mar mbeadh a dhochraideacht liom d'eiteóchainn thu: a olcas liom. Tréis an chogaidh ní bheidh ameasc tíortha ach an dochraideacht: bochtanacht a's brón. Ghearán lucht na ngluaisteán ar dhochraideacht na mbóithre, go rabhadar ciseach, clochach: aindeis lé gluaiseacht ortha. Dochraideacht a mhúinte gan fonn, gan deallramh air do chuireann fearg ar an gceann: deacracht: duadh. An tslighe atá fút d'iarraidh maireachtaint cuireann dochraideacht ar mo chroidhe istigh: doilgheas. Ar uain dhochraideachta na tubaiste chuimhnigh sé ar a dhroichbheartaibh: anacair: scannruightheach. Tuilleann dochraideacht na cora so bás ar an gcroich: fuathmhaireacht.

do-chreidsin: *b.2.* ceal géillte; amhrastamhlacht; deacair lé creideamhaint. "Croidhe urchóideach na do-chreidsine" (Eabhraigh III. 12): gan géilleadh d'fhocal Dé. Budh dheacair dom do-chreidsin do bheith agam i gcúrsa go ngabhann an saoghal mór leis: amhras ar a fhírinne. An do-chreidsin agat-sa i gcómhnaidhe gcómhnaidhe: amhras na fírinne.

do-chreidte: *a.* deacair géilleadh dho; amhrastamhail; neamhchosamhail. Eachtra dho-chreidte go dtáinig máirnéalaigh as luing fé thuinn ag rómhar phrátaidhe ist oidhche!: gan crot fírinne. Lé huathbhásaighe an scéil budh dho-chreidte liom é: do-ghéillte: do-ghlactha 'n-a fhírinne. Sid í aimsir na n-eachtraidhe do-chreidte, aimsir an chogaidh go ndéintear talamh slán de gach ráfla: gur deacair iontaoibh do thabhairt do dhearbhacht an nidhe nách feas go cinnte.

do-chríochnuighthe: *a.r.* gan deireadh, gan críoch, nách féidir do chríochnughadh. Mar deir an tairngireacht (tarangaireacht) is dócha gur b'é seo an obair do-chríochnuighthe do tosnófí in iarthar na hÉireann: ná déanfaí go deireadh. Bhodharfadh sé thu lé n-a eachtraidhibh do-chríochnuighthe, scéal madra na n-ocht gcos aige gach scéal: eachtraidhe fada, leadaránacha.

docht: *a.* dian, fáiscighthe, beacht, teann, cruaidh, cumhang, daingean, dlúth, sprionnlaithe, neamhréidhtighthe, neamhréidh. Mo phíp dhocht: is deacair d'ól. Gaoth docht ón dtalamh ná rámhfadh Éire 'n-a coinnibh: teann, ró-dheacair gluaiseacht 'n-a coinnibh. Puilín docht ar an dtéid: ná rithfeadh an téad go saor tríd. Príosún docht atá i mBéal Feirsde: go mbítear dian ar bhráighibh ann. Rángamair i bpoll docht, an namhaid thoir a's thiar orainn gan chao teichte againn: conntabharthach. Cómhla ró-dhocht don ndoras seadh í: rómhór d'fhairsinge an dorais. Chuireas snaidhm dhocht air ná scaoilfeadh gan lámh duine: daingean. Goirteóchaidh an fáisceán san an ghéag leónta, tá sé ró-dhocht: ceangailte ró-fáiscighthe, ró-dhian. Duine docht le n-a iondrabháil i margáintidhibh: ná bíonn géilleamhail, ná bog. Thugas buillidhe dochta uaim: diana: fuinneamhla. Is tú atá go daor, docht orm ón lá thángais treasna orm, pringin ded bharr ní bhfuaireas ó shoin: neamhthairbheach, cailleamhnach. Bím go docht i mbun mo chuid oibre: go dúthrachtach. Ná bí docht fén airgead: sprionnluighthe. Docht mo dhóthain orm atá an áit: daor. Docht mo dhóthain orm fiche púnt do chur lé chéile: gan chur thar mo riocht. Nách docht atá an saoghal ortha i mBarsá go bhfuilid ag itheadh feóil mhadra más fíor: dealbh, dian. Bíonn mo chnámha docht in aimsir sheaca: stampálta: deacair áis do bhaint asta.

dochtán: *f.1.* cosc. Seachain tú féin lé fánaidh, níl aon dochtán ar an rothar san: rud do smachtóchadh an siubhal.

docht-chroidhe: croidhe neamhfhéicheamhanta, neambog, dochorruighthe don truagh nó don taise. Ní leigfeadh an docht-chroidhe dho díol as dhochtúir do féin chun a leighis: bochtanacht croidhe, mór-sprionnlaitheacht. Duine an docht-chroidhe, ná bac tharat é do ghearáin do cháis leis: an té ná bogfadh athchuinghe ná truagh é. Oiread is deóir níor shíl sí ge n-a docht-chroidhe ar bhás a fir: cruaidh, neamhthaiseach: gan maoithneachas.

dochtchroidheach: *a.* dochorruightheach, neamhthais, calcuighthe. Dochtchroidheach a dhóthain a bhí sé n-a shíntiús, níor thug ach réilín bréan: an-sprionnlaithe. Droichbhiadh, droichéadach a's cruinneas sin mar tá ag an nduine dochtchroidheach san: cinnte, neamhscaipightheach.

dochtúir: *f.3.* duine go mbíonn eolas maith ar aon ealadhain aige; teagascthóir. Dochtúir leighis, léighinn, diadhachta, cnámh, etc. "Leighisfidh Dochtúir Crump thu": canamhain ag tagairt do thuata d'iarraidh leighis do dhéanamh lé dí-mheas air agus an meas go léir atá aige air féin. Dochtúir Crump dochtúir áitrighthe a bhí ann bliadhanta buana ó shoin. An bhfuil aon dochtúir agat?: "ruibe de chlúmh na con": braon a leighisfeadh deasca na meisce. Adhbhar dochtúra: mac léighinn a bhíos ag foghluim chun bheith 'n-a dhochtúir. Dia an dochtúir!: is ag Dia atá an uile leigheas. Díolfiach dochtúra: an t-airgead do bhaineann sé as a fhriothálamh. "Agus thárla trí lá dá éis sin go bhfuaireadar é ins an teampal 'n-a shuidhe ameasc na ndochtúiridhe ag éisteacht leó agus fós ag cur ceisteanna ortha" (Lúcás II. 46): lucht foghlumtha.

dochtúireacht: *b.3.* gairm dochtúra; gairm an leighis. Dá mbeadh dochtúireacht aige ní bhfaghadh an oiread bás fé n-a láimh: eolas a ghairme. Tá sé gan dochtúireacht: gan leigheas. Tréis na dochtúireachta beireann an bás an dochtúir leis: dá fheabhas aire agus leigheas uaireannta ní díon ar bhás iad. Raghad le dochtúireacht is dóigh liom: mar ghairm bheatha ionsóchad í.

do-chuarduighthe: *a.r.* deacair d'fhagháil amach; deacair do scrúdughadh, taighde ar, lorg. Dhá fhoghlaidhe mara Gearmánach do-chuarduighthe siar fén bhfarraige ná faightear amharc ortha: nách féidir a n-aimsiughadh. Dá mbein ghá cheistiughadh choidhche b'é an dá mhara a chéile dhom é, tá sé do-chuarduighthe dhom: daingean in aghaidh rúin nó eólais do bhaint as. Carraigeacha, gleannta géar-chnuic é ar fad, do-chuarduighthe ar fhiadhach: deacair fiadhach do mhúscailt.

do-chumannach: *a.* neamhchineálta, neamhmuinnteardha, neamhdhílis; fealltach. Díthreóch do-chumannach i gcom cnuic, nách ionmhuin leis cuideachta ná siubhal aonne air: gan fonn conbharsáide lé n-a chómhdhuine: doichilleach. Búiste do-chumannach dob eadh an páirtidhe a bhí liom sa choill gan gíog ná gníomh as: neamhmuinnteardha: deacair gabháil leis. Beart do-chumannach duine d'eiteach nár thug an t-eiteach duit: gan cneastacht ná galántacht. Thugadar leó mar fhíné fabhrach é, ach nár dho-chumannach uaidh éitheach do dhearbhughadh 'n-a gcoinnibh ann: fealltamhail: neamhdhílis: cúlbheartach.

do-chúmtha: *a.r.* do-cheaptha; nách féidir clódh nó cuma do thabhairt air; droichdheilbhthe; droichdhéanta. Rud do-chúmtha go maith seadh nadhbhóg gan eólas na céirde: deacair do dhéanamh 'n-a ceart. Do pheictiúir do tharrac rud do-chúmtha dhomsa, mar nách eol dom connus: ná fuil ar mo chumas do dhéanamh. A scrogaire do-chúmtha go bhfuil gach lorga a's géag leat chomh caol lé snáthaid: gan deilbh cheart an fhir ort. Do-chúmtha mo dhóthain do tháinig sé orm an tigh do shíneadh amach: deacair.

do-chúmthacht: *b.3.* dealbh, (deilbh) as an órd cheart, neamhshlachtmhaireacht; doi-dhéantacht. Do-chúmthacht piléar as chlochaibh: ar dhóigh gan san do bheith i gcumas. Dhaor sé an obair a bhí déanta ar an dtigh lé n-a do-chúmthacht: agus pingin deóntais ní bhfuairtheas ón riaghaltas: an chuma ná raibh dréir shaoirseachta cirte ná slachta. Do-chúmthacht a chos do thagann leis ná fuil lúth ná rith aige: a gceal do bheith déanta ar a gcan cheart féin.

do-churtha: *a.r.* nách féidir do chur, do rádh, do shuidheamh, do bhunughadh. Amhrán casta seanGhaedhealainge do-churtha síos: dian le breacadh mar ceapadh é. Lé t'olcas taoi do-churtha síos ort: ní féidir t'olcas do luadh. Talamh do-churtha ná leasóchadh an saoghal mór: deacair d'iondrabháil chun síl do chur ann. Is do-churtha an duine ná raghadh mar a ndeirim leat: do-ghluaiste. Ceist dho-churtha amach seadh faid a sheasóchaidh an cogadh so: deacair do réidhteach. Ná bíodh eagla ort, táim do-churtha suas chun tú do thréigean: ní féidir a chur 'n-a luighe orm-sa. An oiread agam gur airgead do-churtha isteach é: nách féidir d'áireamh.

dodaire: *f.4.* duine daibhceach, tuaisceartach, ceanndáine. Dodaire ná déanfadh lán a bhaise ar aonne ach sclaimh do thabhairt ort: neamhfhéicheamhanta. Ghom bhodhradh féin ní bheinn leat, a dhodaire neamhmaitheach, gan seódh gan gáire: gruamdha, stailceach.

dodaireacht: *b.3.* gruamdhacht, stuacacht, stailcidheacht. Dodaireacht éigin indiugh air níl gnóth ná cúram ann, ná fonn cainnte lé haonne: crostacht, seirbheacht: neamhtheacht aniar. Caitheann sé leath a shaoghail ag dodaireacht suidhte sa chúinne gan focal as: ciúin, míoshásta, gruamdha, spuaiceach.

do-dhealbhach: *a.* gránda, míochúmtha. Oileán do-dhealbhach cnocach, méiscreach: gan slacht, taithneamhacht déanaimh don súil. Bróga do-dhealbhacha do dhéineann an gréasaidhe sin: míochúmtha, gan an can ceart déanaimh ortha.

do-dhéanta: *a.r.* deacair a dhéanamh; do-chríochnuighthe. Tugadh gnóthaidhe do-dhéanta dho ná raibh eolas ná taithighe aige ortha, a dhall amach é: ná raibh n-a chumas a gcur chun críche. Déanamh an do-dhéanta seadh é: ag tabhairt fé rud nách féidir do dhéanamh nó do ghnóthughadh. An rud atá do-dhéanta ar an nduine atá so-dhéanta ar Dhia: a théidheas don duine.

do-dhéantas: *f.1.* ar dháil bheith do-dhéanta. Cé dhéanfadh an do-dhéantas?: an rud nách bhfuil ar chumas aonne a bhreith chun críche.

do-dhín: *a.* nách féidir do chosaint; gan cosaint. Is furaiste do namhaid teacht i dtalamh sa chuan do-dhín seo, gan gunna, gan falla, gan dún: drochchosanta. Tigh do-dhín go bhfuil gach sín tríd isteach: gan aon chosaint air in aghaidh a dhíthe.

do-dhuine: *f.4.* drochdhuine, duine ná beadh ar mhaithe leat. Seachain an do-dhuine a's ní baoghal duit an duine macanta: olc. Dá mbeadh sé ar dho-dhaoinibh an domhain níor thugtha dhuit cur isteach air gan chúis: daoine olca.

do-eadrána: *a.* neamhchlaon; dochoimsighthe, docht, buan. Tá na Cómhachta cóimhghleice ag bailiughadh díormaidhe do-eadrána ar an ucht iarthair i gcómhair an chatha atá ar tí: sluaighte do-choiscthe. Dhein sé rámhaidheacht dhian, dho-eadrána: gan sos: ar an mbuille gcéadna gan stad. An toil do-eadrána a bhí ge Ó Donnabháin Rosa ná claoidhfeadh braighdeanas ná droichdhéanamh, ná aithis: doibhriste: dochlaonta.

do-eólais: *a.* diamhair, dorcha, achrannach, an-aithnid. Tráchtann sí n-a leabhar ar dhúthchaidhibh do-eólais istigh i lár Thibeit: áiteanna ná raibh cur amach ná cur síos ortha, ná raibh ar léarscáil ná i leabhar. Réadhanna do-eolais den Afraic nár thaisteal cos an fhir bháin: gan chasán, gan bhóthar, gan fios ag aonne ortha.

do-fhaghála: *a. n-dh.* dofhachta, deacair lé fagháil, tearc, fánach; gannchúiseach. An luibh do-fhaghála sí a leighisfeadh: nách féidir d'fhagháil lé baint. Néamhainn do-fhaghála a gheibhtear ag Flathaibh na hIndia Móire: a lithéididhe ná fuil ag neach eile. Buadh do-fhaghála ó Dhia seadh an chráibhtheacht: buadh ná bíonn ach ag fíorbheagán. Chuarduigheas an Daingean do, i ngach ball bhí sé do-fhaghála dhom: ní bhfuaireas ar bith é. "An tseóid do-fhaghála is í is áilne" (seanfhocal): dar linn gur b'é an rud ná fuil dul againn air an rud is fearr. Sé an t-airgead is do-fhaghála ar mhórán: gainne.

do-fhagháil: *b.3.* dul amugha, ar feódh; ceal teacht ar. Do-fhagháil (go holc) ort (eascuinghe): imtheacht a's ceileabhradh ort! D'imthigh mo mhadra uaim agus tá sé na cianta fada, díreacha ar do-fhagháil: amugha: ar seachrán: gan a thuairisc.

do-fhaisnéise: *a. n-dh.* do-aithriste, do-labhartha, do-thuairisce; fuathmhar. Tugadh críoch bhais do-fhaisnéise ortha, baineadh na cluasa dhíobh 'san teanga asta roim ré: gráineamhail, fuathmhar: critheaglach. Uathbhásaidhe do-fhaisnéise an chogaidh, ar muir, talamh a's san aer, ag scrios ag dóghadh 'sag lat: fionnafaidheacht go gcuirfeadh a aithris crith a's fuath ort. Na peacaidhe do-fhaisnéise atá ar m'anam a scannruigheas me: fuathmhara.

do-fheicsint: *b.3.* (*-seana*) neamhléargas. Do-fheicsint na gaoithe: ar dháil bheith nách féidir leis an súil amharc d'fhagháil uirthe. An Dia do-fheicseana: nách féidir lé súil dhaonna a bhreithniughadh ar an saoghal so.

do-fheicsiona(ch): *a.* ná fuil lé feicsint. Smaointe do-fheicsionacha an chroidhe: diamhaire. Is eól dúinn go bhfuil ainmhidhthe do-fheicsionacha ar thóin na bóchna: nách féidir leis an súil a mbreithniughadh. Tá an t-oileán do-fheicsionach gen gceódh: ní féidir é d'fheicsint. Cuireadh i bhfolach i bpoll do-fheicsionach me: diamhair.

do-fhollasach: *a.* neamhshoiléir; doiléir; do-thuigseanach; diamhair; neamhchruinn; leaghthach. Cainnt dho-fhollasach atá aige, tá rádhmhall air: nách féidir do thabhairt chun cruinnis. Glór do-fhollasach a chuala ge neart na gaoithe: ná raibh soiléir don gcluais. Freagraidhe do-fhollasacha a thug sé uaidh ar chonnus chaith sé an oidhche: fánach: nár bh'fhéidir bunadhas do bhaint asta. Teachtaireacht dho-fhollasach a fuaireas a fhág in amhras me: gan chinnteacht: gan chruinneas. An leitir do fuaireas i dtaobh dála na ndaoine bhí sí ró-dho-fhollasach do thuigsint connus mar bhí aca: doiléir: neamhchruinn: gan lánbhrigh tugtha lé haon rud áirighthe.

do-fhuilingtheacht: (**do-fhulang**) *f.* (*–gtha*) gan fulang; neambuaine (in aghaidh caithimh, ionnsaighthe, síne, cruadhtain, duaidh, etc.). "Nách luath dá shaoghal do theip sé, a bhuachaill?" – "an do-fhuilingtheacht": ceal acmhuine in aghaidh cor a's suathadh

na beatha so. Féach! an chuma tinnis atá air a's gan ach dealg 'n-a mhéir, is ionat-sa atá an do-fhuilingtheacht: an beann ar dhuaidhnéis. Tháinig tinneas do-fhulangtha (do-fhuilingthe) air a scuab chun siubhail é: nár bh'fhéidir leis a sheasamh. Chuir do-fhuilingtheacht a chuid cainnte deargbhuile orm: ceal acmhuine broic leis. Tá do-fhuilingtheacht grinn ann: ní ghlacann sé go subháilceach le mionmhagadh. Nách beag an ré thug na bróga san, nách ionta bhí an do-fhuilingtheacht: díth buaine. Fear lice go bhfuil do-fhuilingtheacht báistighe a's fuachta aige: goillid air gan puinn cúise. Bhí do-fhuilingtheacht ag fallaidhibh Bharsá ar armáil na Gearmáine budh gheairrid dhá réabadh iad: neamhsheasamhacht: dearóile.

do-fhulaing: *gein. a.* nách féidir d'fhulang; ná bíonn fulang ann. Tháinig pian do-fhulaing im chois gur chuireas laige dhíom: pian ná raibh ionam neart seasta 'n-a choinnibh. A thuilleadh ní bhroicfinn lé cainnt do-fhulaing, ag tabhairt gach aon ainm fén spéir orm: nách féidir d'fhoidhneamh. Ná bí ró-bhuannamhail air, duine do-fhulaing seadh é: ná bí ró-dhána leis, níl foidhneamh ar sheódh ná ar neamhthuis aige.

dog: *f.2.* faillighe, fuairéidheach; aitreamh; neamhaireach. Ná déin oiread agus dog go mbí réidh leis an méid sin: sos: staonadh. Duine do-mhilleánta nár thug dog riamh 'n-a ghnóth: faillighe. Dog éigin do thug an foraire 'n-a aire go bhfuair an namhaid áth ionnsaighthe ortha: faillighe bheag. Ag cainnt gan dog: gan sos.

dóghach: *a.* dian fé theas; tinneasc. Bhuail sé go dóghach me lé bata trom: go dian, goirtightheach. Lean an galar dóghach tréis bháis a chlainne gan greann gan gáire: an-dolbhach: isle bhrighe inntine: an lionn dubh. Síos ná suas níor fhág sé ort lé n-a theangain, d'ionnsaigh sé go dóghach thu: go dian, dásachtach. Cneadh dhóghach ná leigeann néal chodlata orm: teas a's griofadach innte. Thairng an seadaire a chloidheamh ar an muineál go dó-dhóghach gur scar an ceann lé colainn ge n-a chóimhghleacaidhe: go fuinneamhail, tréan. Fágann a himtheacht mo chroidhe go dóghach: ró-bhuaidheartha.

dóghadh: *f.* (*dóighte*) loscadh, scalladh, do chaitheamh lé teine nó teas (gréine); colgadh; do chur tinnis ar. An cogadh atá ag dóghadh girbe na ndaoine an aimsir seo: níl puinn eile 'n-a mbéal ná 'n-a mbrághaid acht é: is é an t-aon rud is mó atá ag cur tinnis ortha. Cad tá ag dóghadh do ghirbe ná caithfeá cárta aca san amach?: ag déanamh meargó dhuit: ghod chur id stad. Cuireann an talamh cruaidh dóghadh talmhan ar bhonnaibh gan bróga: tinneas agus tinnidheacht: buinnleac. Marbhuigheann maircréil ghuirte me lé dóghadh croidhe (loscadh doighe): míoshuaimhneas agus tinneas sa ghoile gur minicighe mothúilt theasa ann. Dóghadh neanntóg: an cealgadh a ghníos an fás san – teas a's cluig. Thiocfadh dóghadh builg uirthe ar maidin gan gal den bpíp: treighid. Dá mbeadh airgead lé dóghadh agam ní bhfaghfá pingin: 'n-a chnocánaibh. Tréis an tuicéid bóthair nó an mharcaidheacht in aisce, péaca san é, b'é an dóghadh cá raibh costas an lae lé teacht as: an fhadhb. Is beag an dóghadh ar a ngirb mise bheith gan airgead a's é aca féin: an buaidhreamh: an suathadh aigne. Dóghadh mór ar aonne bheith ag broic lé cladhaire mar thu: duadh agus buadhairt aigne. Is mé atá dhá dhóghadh agat i nganfhios d'aonne léd shailicheacht a's léd leisce: dhá phianughadh. Sé an sop ag dóghadh ar a dtóin aca, a n-inghean ghá phósadh: an t-urchar déidheannach: an ciapadh saoghalta. Dóghadh agus loscadh ort! (tiomna): teine go né luaithreán díot. Is iomdha san dóghadh ar chroidhe an

duine: buaidhreamh. Chuir sé dóghadh orm a chlos gur goirtigheadh tu: brón. Tá dóghadh ort-sa ná féadfá filleadh abhaile gen gcogadh so: aigne shuaidhte: míoshuaimhneas.

dóghaim: *b.a. 7 n-a.* caithim lé teas, teine etc.; crádhaim; loiscim. Dóghfair an croidhe ionam bheith ag féachaint ort ag slibireáil oibre, gan gnóth ná déanamh ionat: ciapfair. Ní dhóghfadh an t-adhmad so, tá sé tais: ní gheóbhadh lé teine. "Níor dhóigh seanchat riamh é féin" (rádh): an té go mbíonn an taithighe aige seachnann sé é féin i gconntabhairt. Dhóigh na gais go cré le teas na haimsire: d'fheóidh an teas iad. Ná dóigh tú féin! seachain! Is me atá dóighte agat mar fhear (chapall, bhróga, éadach etc.): clipighthe gan aon tsásamh d'fhagháil ionat. Cé dhóghfadh é féin lé rud gan tairbhe?: bhodharfadh: chiapfadh, ach a chaithfeadh uaidh. Bharra-dhóigh sé an Franncach a chuaidh sa dol agus scaoil uaidh é go dteichfeadh an chuid eile: chaith an teine barra an chlúimh de. Táir dóighte gen leanbh céadna: clipighthe ó bheith ag tabhairt síorbhuaidhrimh duit. Dóighte ó bheith ag lorg orm: cráidhte. Táim dóighte ge tobac: ólaim an iomad de. Dóighte aca mar pháipéir: clipighthe lé n-a n-iomad nó an duadh do chuirid orainn. Dóighte gen mbóthar: cortha ó bheith ag síorthaisteal. Bhuail sé é? bhuail go dóighte: go mór agus go dúthrachtach. Fuaireas speach dhóighte ón gcapall: throm, ghoirtightheach. Léan dóighte ort ná héistfeadh, táim bodhar ged chuid gleóidh!: mío-ádh ort. B'é an fear tinn dóighte agam (dhom) é: dhíolas go maith as aon bhaint do bheith agam leis. Luigheas go dóighte ar chois air éisteacht!: an tslighe dhian a dheineas é b'eól do cad bhí ar m'aigne. Ar bhfheicsint do go raibh an lá agam air thug sé súil dhóighte orm: amharc malluighthe, neamhchaoin. Thugadar iarracht dóighte ar bhriseadh thar falla: láidir, acfuinneach. Is é an sop dóighte ar a thóin gur mheallas a ghrádh uaidh: clipeadh mór. Dhóghfadh an beathuisce garg so an tón as chorcán duit!: dian lé gargacht. "An tigh dóighte": tigh sa Daingean do dóghadh a's nár tógadh ó shoin. Tá na gais óga san dóighte ag an sioc: laitithe, críonta.

do-gheibhim: *b. m-r. a.* (**fagháil**) sroichim, gnóthuighim, bainim amach. "Is é an té go mbíonn aige a gheibheas" (seanfhocal): an dream strosamhail is ortha thagann an bhreis a's ní har na bochtánaibh. Faigh ionat me do bhualadh!: cuirim a dhubhshlán fút! Cé gheóbhadh ann féin é d'eiteach ar ghreim aráin agus é silte leis an ocras?: cé hé bheadh chómh cruadhchroidheach san? Ní bhfaghainn óm chroidhe truaghán mar thu do bhualadh: ní leigfeadh náire dhom é. Gheóbhair dul ann má bhír id bhuachaill mhaith: beidh a chead agat. Ní bhfaghainn é do dhéanamh dá gcaithinn mo shaoghal bheatha ag gabháil de: ní éireóchadh liom. Ar an méid a gheibhim as níor bh'fhiú dhom bheith ghom thnáthadh féin leis: a bhíos dá bharr agam. An bhfuairis amach fós cé fuair amach Mearaice an chéad lá riamh?: an bhfuairis eolas ar ainm an té a nocht etc. Ghoidis an úirlis sin agus a tairbhe nár fhaghair: nár thagadh maitheas duit aiste. Ní bhfaghfá chun suime choidhche pinginidhe beaga, fuara: ní thiocfadh aon bhorradh ná méad ortha. Faigh do agus áirdfhear seadh thu aige: gnóthuigh do an rud a bhíos uaidh. An trócaire nár fhaghadh maran fíor é! (tiomna): creid gur me béal na fírinne agat. Nára faightear thu! (tiomna): droch-chrích go raibh ort! An ola dhéidheannach nár fhaghadh más ag cur éithigh air atáim (tiomna): dul go holc orm: bás obann go raibh agam. Do shláinte go bhfaghair!: mo chuisle thu! (lé linn deighghnímh do dhéanamh).

do-ghluaiseacht: *b.3.* moille; neamhfhonn gluaiste; righneas; imtheacht olc siubhail. Níor bh'í drochghluaiseacht an bháid ach a do-ghluaiseacht budh mheasa liom: deacracht a cur ar siubhal: a righneas. Do-ghluaiseacht m'incheann fáth mo dheacrachta filidheacht d'fhoghluim de ghlanmheabhair: dúire. Ní thaithneóchadh an capall san liom ar a dho-ghluaiseacht: an siubhal aindeis atá aige. Luathuightear! cuirtear uaim ag do-ghluaiseacht: an mhoille: an leadarán.

do-ghluaiste: *a.r.* deacair do bhogadh nó do sháthadh; dúr, daingeanthola; díothumhalta. Asal do-ghluaiste go mbrisfeá a easnaidheacha sara mbogfadh cos: neamhumhal. Toisc na meirge bheith ar an dtairnge ní do-ghluaiste an cnoc 'ná é!: do-chorruighthe. Lé seachtmhain d'aindeóin ar ólas de phurgóidibh táim chómh do-ghluaiste le carraig: cruaidh, calcuighthe im bholg. Do-shroichte don síothcháin mar táid do-ghluaiste ar gach taobh: daingean ar inntin cogaidh. Gluaisteán do-ghluaiste a chaitheamh an lá ar bóthar: gan éascaidheacht.

do-ghluaisteacht: *b.3.* dáil do-ghluaiste; righneas; ceal éascaidheachta. Thugamair ó mhoch na maidne d'iarraidh an ghluaisteáin do chur ar siubhal a's b'éigean dúinn éirghe aiste lé n-a do-ghluaisteacht: do-dhéantacht a corruighthe. Do-ghluaisteacht an deilg a bhí i mbeó budh bhun leis an oiread spreóitseála do dhéanamh ar an gcois: a chruadhtacht do bhaint. Bhur ndo-ghluaisteacht abhaile do chuir fearg ar na gárdaidhibh: a dho-dhéanta a's bhí sé ortha sibh do bhogadh chun bóthair.

do-ghním: *b. m-r. a.* taithighim, cóimhlíonaim, críochnuighim (amach), gnóthuighim, réidhtighim, ullmhuighim; do-bheirim ar, tugaim fé deara do; téighim i etc. "Tart a néann tart" (seanfhocal): is bun lé: a chúis: dá mhéid ólann duine is i ndulmharaighe ann bhíonn sé ag dul. Déin rud orm agus téighir abhaile: cóimhlíon mo chómhairle. Déin amach dod gheallamhaint agus ní bheidh milleán ag aonne ort: cóimhlíon í. Déin mar is toil leat, táim dóighte ag tabhairt cómhairle dhuit: bíodh do shlighe féin agat. Rinne sé suas orm: tháinig sé im fhiadhnaise. Déin amach dom cad é an méid airgid é sin: gaibh tríd agus áirmhigh dom 'n-a chruinne é. Déin fé isteach: ionnsaigh é. A Dhia, déin dom!: fóir orm! Dhéanfainn duit mar dhéanfá dhom: an déanamh céadna gheóbhair. Dhein (rinne) sé orm lé n-a bhéal salach: d'ionnsaigh me le híde bhéil. "Dhéanfainn-se leis obair shlachtmhar" – "dhéanfá!" (searbhas): níor chás duit. Ná déin dhá chuid ded dhícheall: a bhfuil ionat tabhair é: ná coigil pioc. Cad dhéanfair de – pigh nó pastae: cad fáth ná moille lé pé rud atá lé déanamh. Déanfaidh fear maith fós de: fásfaidh sé mar sin. Dhéanfainn amach duit ar an méid fear atá bailighthe anois ar an dteórainn nách fada uait coimheascar trom, cuthaigh: dheimhneóchainn duit: raghainn fé dhuit. Déin t'anam, ní fada uait an bás: dein aithrighe id pheacaidhibh. "Connus déintear an caraghas agaibh?" – "le troscadh a's lé tréanas": a tugtar fé ndeara. Déin do mhachtnamh ar an gcúrsa sara gcuirir rómhat faic do dhéanamh: machtnuigh go maith. Is minic do deineadh machtnamh dom gur bh'fhearr dhom bheith marbh 'ná beó ar an nduadh saoghail do-gheibhim: a thagadh sé im aigne de chionn bruadair. Deineadh taidhbhreamh dom airéir go raibh tarbh fiata ar mo thóir: tháinig na himtheachta samhluighthe sin im inntin le linn mo chodlata. Déanfair buadhairt chroidhe dhuit féin má bhír ag síormhachtnamh ar do cheasnaidhe: de dheascaibh do smaointe beir ar an ndóigh aigne sin. Déin cuachadh ar do chuid gruaige: bailigh go gasta 'n-a cuachaibh, fáinnidhibh í. Éirighim-se asat, mar nách fear in ao'chor thu; ní

dhéanfadh Éire féin maith dhíot: ní féidir thu do mholadh. Ní dhéanfadh sé deaghdhuine dhíot cabhair do thabhairt don mbocht: níor chúis mhaoidhte dhuit é. Dhein sé as go hiongtach ar bheagfhagháltas: chuaidh chun cinn. Déanfad B'l'Áth Cliath anocht nó caillfead an t-anam: sroichfead é. Níor dheineas amach riamh cad é an strán a bhí aige chugham: níor nochtas. Níor dheineas aonnidh riamh le haonne dom thoil: níor ghoirtigheas. Déin aithris ar gach aonne a bhuailfidh leat agus beidh go maith agat: dein mar chídhír (olc) nó mar cómhairleófar duit. Déin treóir dom: stiúruigh me. Déin do dheóra anois nuair tá sé déidheannach agat: goil go fuidheach. Dhein sé leanbh léi: do ghein sé leanbh toghartha dhi. Déin uaim (siar) nó is tinn duit: druid uaim: fág me. Ná déin thar mo chrois an oifig d'fhágaint: ná fág í i gcoinnibh mo thoirmisc. Cé hé ná déanfadh truagh dho a's a ghoirtighthe atá sé: ná glacfadh etc. Ghníonn an charraig béic nuair bhuaileann an uain í: cuireann aiste. Ná déin cumaidhe orm-sa: ná cuir scaibheanna ort féin chugham-sa. Dhéanfí amadán díom dá n-éistinn lé n-a ndo-chomhairle: thárlóchadh dom mar sin. Dhéanfadh púcaidhe de gheósadánaibh: dá bhfeiceadh geósadán cheapfadh gan mhachtnamh gur phúca bheadh ann. Táir chómh saonta go ndéanfá gual de chlochaibh: tuigfí dhuit gur gual iad. Meas madra níl agam ort-sa nár dhéin amach riamh dá gheallamhaint: nár chóimhlíon. Táim i ndraip, déin dom!: cabhair liom. Cuid mhaith déanta againn, déinimís deireadh dhe: bímís réidh leis. Dhéanfadh duine caitheamh maith agus gan dul as a mheabhair ar fad: gheobhadh sé trí chuid mheasardha nó chosamhail etc. An cárta san a dhein fear díom!: a chuir ar mo thoil me. Aon cheann ní thógaim ded ráidhtibh aite, ní dhéinim díobh ach féar faille: sin í an tábhacht do mheasaim do bheith ionta. Labhair fear iasachta liom agus má dhein b'é sin an fear maith: má labhair. Déanfar tú do chrochadh lá éigin, sé fuadar atá fút é: crochfar thu. "Ar thógais eagla riamh?" – "dheineas cheana": gan amhras. "Nár labhair an fear so cheana" – "rinne go díreach": labhair agus sin é a dhóthain. Déineann luaithreán den duine: tagann an t-atharughadh san air. Mheasas gur me do mharbhadh do dhéanfá: is é go raibh súil agam leis. Déin cluas do chur ort féin: éist go haireach. Déanfad fearg do chur orm féin leis: ghlacfad dúmas na feirge orm (lé hinntin éigin). Rinne sé deabhadh mór orm: ghéaruigh sé orm: de bharr a ghluaiseachta luigheaduigh sé an t-achar im dhiaidh ná méaduigh rómham. Dhéanfadh long aoir deabhadh mór ar luing mhara: ghluaisfeadh sí níos tapamhla. "Déanfaidh sé me d'eiteach is dócha" – "nár né!": ní eiteóchaidh, ná bíodh eagla ort. Nár néir do leas!: nár thugair bóthar do leasa ort féin. Déin solas: las rud éigin. Déin brigh leis an bhfocal so dom: tabhair a chiall.

do-ghníomh: *f.1.* droichbheart, obair urchóideach. Do-ghníomhartha gan a malairt, a bhí ar eólas aige, gadaidheacht, briseadh tighthe agus díobairt: bearta malluighthe, díoghbhálacha. Do-ghníomh dom féin do rinneas an lá chromas ar shiopadóireacht mar chreach sé me: gníomh ar mhíomhaithe liom.

do-ghníos: *b.2.* driuch gránda, míothaithneamhach, dúrgánta. Cad chuir an do-ghníos ort go bhfuil muc ar gach malain leat?: an clódh searbh as do cheannaghthaibh. Ar an ndo-ghníos atá air indiugh ní raghainn 'n-a ghoire ar rud mhaith: ar an gcuma mhíothaithneamhaigh atá air. Ná cas leis an do-ghníos sin air, tá sí air ó lá a bheartha: ceannaghtha neamhshlachtmhara. Daoine miona, dubha, geanncach, leathan-éadanacha go raibh do-ghníos ar gach n-aon aca fuairtheas sa bhfásaigh: aghaidh mhíochúmtha.

do-ghnúiseach: *a.* go gclódh searbh, mío-shásta, neamhthaithneamhach. Níor cuireadh i leith Éireannach gur aicme do-ghnúiseach iad: gránda lé hamharc: a ruaigfeadh taithneamh a's téidheamh. Budh dho-fhuilngtheach liom oibriughadh 'n-a fhocair toisc é bheith do-ghnúiseach ar a luighead cúise, pus a's breill air: searbh. Budh do-ghnúisighe léi me 'ná ise liomsa, dá ghráinde í, chun me phósta: is lugha thaithnigh m'aradha léi. Eitigh é uair amháin a's éireóchaidh do-ghnúiseach searbh, leamh, míoshásta ar a aghaidh.

dóib: *b.2.* pludadh, clábar, draoib, lábán, abar. Chuirfinn dóib go cluasa ort, bhíos chómh salach san: ar theacht im ghoire bheifeá chómh salach barcach liom. Ní cré an talamh san ach dóib: talamh bocht, bog. Bíonn an rath ar chlainn na dóibe: an dream is lugha go bhfaightear dá nduadh nó is ísle saoghaluighthe éirigheann go binn leo, go minic.

dóibeáil: *b.2.* do chur dóibe ar. Dóibeáil shalach do thug sé ar an bhfalla in ionad buailte: aol nó barracht do chur leis go neamhchríochnamhail.

doice: *b.4.* cruadhchás, teannadh ró-dhian. Brisfidh an téad mara mbogair léi, tá an iomad doice uirthe: tarang tar a riocht uirthe. Aoibhneas indiugh agam, doice ambáireach: cruadhchás, buaidhreamh nó duadh éigin.

doicheall: *f.1.* ceal fáilte roim; neamhoscailteacht, cumhainge croidhe; ceal míne a's béasa, cunntar, doithigheasacht; neamhaoidheacht; dochma. A rud sprionnlaithe, is id chroidhe atá an doicheall, is fada go dtabharfá cuireadh bídh ná dighe d'aonne: ceal féile. Lucht an doichill: daoine ná tugann cóngnamh, cabhair, fothain ná fortacht don iasachtaidhe. Nár insighidh doicheall an bhídh choidhche díot maran deacair cuibhrean do dhéanamh leat: an míoshásamh a bhíos ort aon phioc bídh do bheith ag neach eile ach agat féin. Fuairis cóir annsúd, sa tigh gan doicheall: go raibh fáilte a's fiche rómhat foghail do dhóthain do dhéanamh ar an mbiadh. Ná bíodh aon doicheall agat rómham, díolfad as a bhfaighead: neamhmuinnteardhas tabhartha nó riartha. Go n-ithidh an doicheall thu! deirtear lé duine sprionnlaithe fé rud nó ná beadh fáilte aige rómhat. An bitheamhnach do-ghnúiseach so an doichill: leithleachais, sainnteach, alpach. "Ní goirfear an t-amadán níos mó daonnachtach agus ní habharófar fear an doichill do bheith rathmhar" (Iosaih XXXII. 5): sanntach ar gach nidh do bheith aige féin. Doicheall a chroidhe do bhíonn ag an scraiste roim obair: neamhfhonn thar na beartaibh. D'aithnigheas doicheall air a's d'árduigheas mé féin chun siubhail: míothaithneamh me do bheith láithreach.

doicheallach: (**doichilleach**) *a.* míbhéasach, stuacach, tuatach, rústach. Go maithid Dia dhom é, tá an ghráin agam air, is doichilleach liom é do theacht im ghaobhar: míoshásamh. Cuir uait an chainnt dhoichilleach, ná bí ag fagháil leathscéal, ach tabhair dhúinn ár n-éileamh: ná bíodh aon staonadh ort ar ghéilleadh. Tigh doichilleach é sin, ní chaithfinn leathphingine ann: tigh ná faghfá subháilceas uatha. Gheobhfá tríd an mbaile sin fiche uair sa ló gan neach ann do thabhairt comaoine do bheannachtan duit, táid chómh doichilleach san: dubh, dith-chonbharsáideach: neambáidheamhail: dochtchroidheach. Níor dhoichillighe liom an diabhal in ifreann do theacht ar chuaird

chugham ’ná é: b’ionann fáilte agam rómpa. Pé locht a bheidh ort nó díot, ná bí doichilleach fén mbiadh: ná bí coimeádach air ó naoidhe a cheala.

doichealluighim: *b.a. 7 n-a.* diúltuighim, locaim, ní bhíonn mo thoil le. Malairt measa do bhí agam ar an bhfear san, níor shaoileas go ndoicheallóchadh sé choidhche an biadh orm a’s me n-a ghábhtar: go locfadh sé: ná tabharfadh dom. An iongadh leat gan léigheamh do bheith air agus an tslighe go ndoichealluigheadh sé an scoil? gan fonn dulta uirthe air.

doichillighe: (**doichlighe**) *b.4.* dáil bheith doichilleach, dúr, dúrmánta, neamhoscailte. Ná tagadh aon doichillighe ort mar gheall ar an roinnt, bíodh an cion is fearr, dar leat, agat: pus, tormas, míoshásamh. Ó shuidheamair a’s gur fhágamair ní bhfuaireamair ach doichillighe níor fiafruigheadh duine ná madra dinn; ná an raibh tuirse nó ocras orainn: fuarántacht gan mhúineadh gan bhéas. Fuaireas muinntir na háite ar an oiread san doichillighe gur dhiúltuigheadh coinnimh orm agus mé toilteanach díol as: gan carthanacht croidhe.

doichte: *b.4.* tinne(acht), deacracht, gainne, ceal; cumhainge, déine; do-ghluaisteacht. Doichte an phuill ná raghadh do mhéar isteach ann: cumhainge: ceal slighe saoir gen méir: rud éigin do bheith dá cosc. Doichte na gaoithe ná féadfainn rámhaidheacht ’n-a coinnibh: cruadhacht agus tinne: é ag séideadh chómh dian tolgach, cómhnaidhtheach san. Doichte riaghalach an phríosúin do chiap mo chroidhe ná féadfainn a gcóimhlíonadh: deacracht. Doichte an tsaoghail orm ná fuil ar mo chumas culaith nuadh shaoire do cheannach dom: déine: mo bhochtanacht do dheascaibh gan bheith éirightheach. Fear nách furaiste gnóth do dhéanamh leis, is ar a dhoichte: neambog: neamhfhéicheamhanta. Chaitheas díom na bróga nuadha lé n-a ndoichte, ní fhéadfainn siubhal ionta: a gcumhainge: a neamhfhlúirse. B’éigean dom fanacht sa leabaidh le doichte mo chnámh: neamhéascaidheacht: gan bheith ionam iad do chorruighe go nádúrdha. Doichte a chroidhe na leigfeadh di é do phósadh: cumhainge, cruinneas, cinnteacht: neamhfhéile. An cos-adhmad so is deacair a pholladh lé n-a dhi, níor mhór duit árd-tharáthar: achmuing in aghaidh tollta. Mara mbeadh doichte an tsaoghail orm ní bheinn chómh sprionnlaithe fém chuid: a dhéine agus thagann se, orm maireachtaint. Tá gach aon nidh ag dul chun doichte anois de dheascaibh an chogaidh: ag dul i ndaoire agus i ndeacracht d’fhagháil. Cuireann an ceann gach aonne a bhíos ag obair do ’n-a choinnibh lé n-a dhoichte, ag síor órdughadh ’sag smachtughadh ortha: déine: bheith beacht.

dóid: *b.2.* (*iol.* –eanna) an ghlaic, an ghlaic iadtha. Rug sé ar dhóid orm agus chroth go muinnteardha: ar láimh. Bíodh an t-airgead id dóid agat: ullamh. Airgead dóide: airgead síos. Dá bhfeictheá na dóideanna móra aráin d’alp sé: geanncanna: smuit thoirteamhla. Beir ar dhóid air sa doircheacht: beir greim ar a láimh agus treóruigh é. Beir greim dóide orm: ar láimh go daingean. Dóid phlúir (airgid etc.): lán glaice.

doigh: *b.2.* (*gein.* doighe, doighthe, *iol.* doigeanna, dathacha) freang, ríog, greim tinnis, gath, arraing. “Mo dhoigh a’s mo thuirse fada dubh” rádh coitcheann lé linn míoshásaimh nó míchéadfaidh. Doigh ionat maran me atá cráidhte agat léd bhriollabhrealla cainnte: tinneas ort. Chuir an iomad éisc úir loscadh doighe orm: teas agus míoshásamh im ghoile i dtreo an chroidhe. Chuir clipe an deargáin (iac) doigh nimhe tríom: ríog

róghoirthightheach tinnis. Oiread a's doigh éada ní chuireann sé orm tú bheith ag gabháil leis an mnaoi sin: blúire amháin. Tagann doigh anois agus airís im bhléin a chuireann eagla orm gur b'í an phutóg bheag atá ag gabháil díom: freangaidhe aitrimh. Cuirir doigh i lár mo chroidhe leis an éirghe anáirde atá fút: searbhas croidhe orm. Tháinig doigh ar maidin air gur imthigh an t-anam as a ghéagaibh: troighd: taom obann. Tagann doigeanna ("g" gan séimhiughadh) ionam .i. freangaidhe nó ríoganna tinnis ar aitreamhaibh, ach tagann dathacha orm: .i. an galar go n-atann na matáin a's na ballnaisc leis.

dóigh: *b.2.* (*-e ₇ -the*) módh, cuma, aiste, dáil, slighe, cóir, sás, gléas, cor. Ar dhóigh go mbeadh sé fabhrach dóibh do bhreabadar é: i slighe agus go etc. "Connus tá aca indiugh, an bhfuil feabhas nó olcas ortha?" – "ar dhóigh an lae indé": ar an aiste chéadna: ar an gcor. Deineann sé an cleas ar dhóigh áirighthe nách eól d'aonne eile: ar chuma. Bíonn seacht ndóigheanna gen bhfear eólgaiseach ar rud do dhéanamh: comair: slighthe cliste. Cad é an dóigh atá ar an bPólainn anois ach dóigh olc: aiste. Pé faid, geairrid, cruaidh nó bog, bheidh sé orm déanfad é ar dhóigh ar bith: ach go háirighthe. Féach an dóigh atá ort ag an ndóib go léir: an crot (salach). Dá bhfágtí é ar an ndóigh do chuiris-se air bheadh sé i bhfad 'si bhfad níos fearr: an chuma thugais air: an críochnughadh. Dá mbeadh an dóigh cheart oibre aige ní raghadh sé amugha: an chóir (úirlisidhe, comhthrom etc.). Tá dóigheanna seachas macántacht chun airgid do dhéanamh: cumaidhe: comair: slighthe.

dóigh: *b.2.* tuairm, breith, iontaoibh, dóchas, muinghin. An iomad dóighe a bhí agat asat féin a chaill thu: iontaoibh rómhór ar do chumas féin. Sin é an áit is fearr chun suidhte, tirim, cruaidh, dom dhóigh: dréir mar thuigim. Theip air, a's budh mhór é a dhóigh as féin: an muinghin ná clisfeadh air. Sé an dóigh a bhí aige lé dul go Tráighlí go mbuailfeadh an bheirt eile leis: dóchas. Ní bheinn deimhnightheach de, ach tá saghas dóighe agam gurb é sin do léigheas: machtnamh. "Ní bheir ann, is eagal liom" – "bead, is dóigh": gan amhras. "Is dóigh liom" – "is dóigh leat-sa rud": deinir-se talamh slán des gach aon nidh: dar leatsa gur agat féin do bhíonn an ceart i gcómhnaidhe. "Thuargnadar a chéile ó thalamh" – "seadh, is dóigh" (lé sásamh a chloiste): seadh, mar sin. "Bhriseas an doras den gcéad rábóig" – "is eadh is dóigh" .i. taithnigheann san liom, cad thárlaidh annsan? Dóigh gur mhithid stad: budh mhithid stad, dar lé duine. "An dóigh leat go mbeidh an iomarca agat?" – "is dóigh": dar liom. Budh dhóigh leat air gurbh é fear mharbhtha céad é, na gothaidhe agus an bladhman a bhí air: shamhlófí do dhuine, etc. D'fhágas an bheart a bhí agam i ndóigh go n-éireóchadh liom níos fearr i mball eile: lé súil go. Dar ndóigh b'fhearr dhuit teas 'ná fuacht aon lá: nidh nách iongadh. Ní mór é mo dhóigh ar fhear ná cóimhlíonann a fhocal: mo mheas.

dóigh: *b.2.* rud, duine nó áit oireamhnach, deallramhtach, ionchas, cosamhlacht; urradhas; rud nó duine geallamhnach. Dóigh mhaith airgid do dhéanamh siopadóireacht: rud go leanann cao mhaith. Is olc an dóigh dhuit dul 'on bhannc ar lorg airgid gan tacaidheacht: ní háit chosamhail chun a fhaghála ann é. Is maith an dóigh maireachtana an talamh san: geallamhnach: de bhrigh ann go bhfuil maireachtaint le baint as. Chuarduigheas dóigh agus andóigh dhíot ach theip orm tú d'fhagháil: gach aon áit go mbéadh agus ná beadh súil ag duine tú do bheith ann. Dóigh mhaith iascaigh seadh an bannc úd: áit rathmhar chun beartha ar iasc. Níor bhaoghal ná gur dóigh mhaith é dul fé n-a bhrághaid ag lorg a chabhartha: duine go mbeadh súil agat ná teipfeadh ort. Fan uaidh

sin, ní rómhaith an dóigh agat é: ní duine é gur bh'fhéidir leat dánaidheacht seóidh nó cleas do dhéanamh air. Dóigh phósta d'aon fhear seadh í, lé n-a saidhbhreas 'sa breághthacht: "seilg" mhaith seadh í: is fiú a fagháil: fagháltas maith. An dóigh leat gur dóigh magaidh mise agat: an dtuigtear duit gur duine deallramhtach le magadh do dhéanamh fé mise? Ní haon dóigh an fear san chun iascaigh: ní fear mar mhagadh é. An dóigh Hitlear? an duine ar beagshuim é? "Seadh, an bhfuilir sásta anois ná déanfair é?" – "maithim dom dhóigh": tá deireadh lé dóchas agam. Monuar! mo dhóigh, chailleas an cluiche: fairír, theip ar mo dhóchas. Téidhimís ann dóigh bídh an tigh-sin: áit gur deallramhtach go bhfaighfí ann é. Bíonn dóigh mharbhtha gach saighdiúra i gcogadh: log gurb ann a thárlóchadh go dearbhtha. Budh dhóigh go mbeadh an traen tráthamhail, ach ní raibh: b'é tuairm go mbeadh. Dia dóigh mo shaortha: an té go bhfuil m'iontaoibh as.

dóigheamhail: (**dóightheamhail**) muinghineach, iontaobhach, rathamhail, ádhmharach, cuibhe, cosamhail. Ródhéidheannach do is dóightheamhla ná tiocfaidh sé in ao'chor: deallramhtaighe: níl sé de chuma air go etc. An té budh dhóightheamhla a bheadh ar lorg ruda an té go mbeadh sé uaidh: budh mhó cosamhlacht, an rud bhudh inchreidte dréir dheallraimh nó fátha. "An dtiocfá liom 'on chathair i gcóir na Nodlag?" – "ní budh dóightheamhla 'ná a chéile": is mó gur deallramhtaighe go dtiocfainn 'ná a mhalairt. Áit dhóigheamhail go maith an áit go bhfuil do thriall air: áit go bhfuil gach aon chao go bhfaghair an rud atá uait. Bí dóigheamhail asam, déanfad mo chroidhe díchill duit: bíodh do mhuinghin asam. A chur ar a iontaoibh níor leasc liom buachaill dóigheamhail seadh é ná tugann faillighe: nách misde muinghin do bheith as. Ní túisce tháinig an uain dhóigheamhail 'nár thug sé iarracht ar éalódh as an gcarcar: caothamhail: ádhmharach: go raibh deallramh an tséin air. Bí dóigheamhail leis gach aonne má fhéadair é, ní díth dhuit do mheas a's t'urraim do chách: galánta, creideamhnach, uasal. Is fada shiubhalfá tríd an ndúthaigh sara bhfaghfá bean chómh dóigheamhail ar a scéimh a's ar a pearsain: dathamhail, áluinn.

dóigheamhlacht: (**dóightheamhlacht**) *b.3.* deallramhtacht, cosamhlacht, inmheastacht; dáil dóchais, dathamhlacht, breághthacht, galántacht. Dá mbeadh an dóigheamhlacht cheart agam asat, an mbeinn d'iarraidh thu do chur fé chuing? an iontaoibh. Sé dóigheamhlacht a thugann faisnéis na Rúise uaithe ná beidh sí in aghaidh na hAlmáine ar pháric an bhuailte ach go háirighthe: dóchas. "Déanfaidh an garsún san drochobair" – "tá a dhóigheamhlacht air, ní maith an fuadar a bhíonn fé": sin é cuma: gach beart aige chuirfeadh san n-a luighe ort. Níl duine aca go holc ar fad,a ch níl aon dóigheamhlacht sa bhfear eile: aon deallramh go ndéanfadh sé aon nidh cóir. Bíodh dóigheamhlacht ag baint leat, ná labhair borb lé neach is cuma cá díbhfeargadh deintear ort: galántacht, deaghnós: béasamhalcht. Ní mór di a feabhas, geallaim duit, ní hionmhaoidhte dhi a dóigheamhlacht, ní breágh ná sciamhach atá sí: a dathamhlacht.

doigheartha: *a. d-dh.* fiata, borb, canncarach, tormasach, duibheacach, aindeis, dearóil. Piléir ag teacht go doigheartha de dhruim an chlaidhe mar a raibh mo dhídean: go loisceanta, fraochmhar. Aon lá anois tá súil ag an saoghal lé cath doigheartha idir na cómhachta ar theórainn na Frainnce in áit ná déanfair coigilt d'fhear ná eile: fíochmhar, dian. Rud an-bheag a chuirfeadh ar dhuine doigheartha b'fhearr leigeant do: duine spreanngamhail, teasaidhe. Oidhche dhoigheartha gur chaitheadar ar áthrach leó féin le

dearmhad: dhorcha, dhoiléir. Is doigheartha an saoghal atá aige 'n-a aonar gan siubhal duine air: ainddeis.

dóighim: *b.a. 7 n-a.* cealgaim, crádhaim, clipim, caithim lé teine. Dhóighis an croidhe ionam lé héad: chlipis me. Táim dóighte ó bheith ag éisteacht lé n-a bhriolla-bhrealla: ciapann sé me. Dóghfair thu féin, adeirim leat, mara seachnuighir an ghadaidheacht: díolfair go daor as. Dóigheann an neanntóg an té ná greamuigheann go docht í: cealgann. Rugas go dóighte ar shróin ar an dtarbh, nár fhéad sé corruighe: go docht, daingean. Mo león(adh) doigh a's m'ailím dhóighte ní mise ná dubhairt leis fanacht as an gconntabhairt: fairír géar! is mise a chómhairligh go mion a's go minic é. Is tú an sop dóighte ar a thóin: is tú a chlipeas é ó thalamh. Ná dóghadh mo ghnóthaidhe-se ort: ná cuiridís buaidhreamh ort. Dhóghfainn i bhfíoríochtar ifrinn sara leiginn órdlach dá shróin leis: d'fhuilngeóchainn mórchuid. Dhóghfadh sé thar a ceann: dhéanfadh sé nidh ar bith dhi le cion uirthe. Léan dóighte air mar scéal, caithidh uaibh é: mío-ádh a's scrios air: táimíd bodhar, cortha aige. Seachain cos dhóighthe: duine leóchaileach.

doighir: *b.2.* siolla géar, boirbe, dásacht, fíochmhaireacht, bladhm dóighte obann. Rithfidh an namhaid tríotha mar dhoighir trí shop tuighe!: bladhm fíochmhar. Ar fóghnamh nílim, tagann doighir im chliathán níos minicighe 'ná mar is áil liom: doig: freanga, ríog tinnis. Ghaibh an long cogaidh siar agus doighir dheataigh aiste a mhúch na hoileáin orm: dlúimh nó scailp throm.

dóighte: *a.r.* dian, diachrach, brónach, clipighthe. Is dóighte an croidhe aca anocht i ndiaidh a bháis: brónach. Budh dhóighte liom é d'eiteach a's é chómh beag, truaillighthe: neamhthaithneamhach. Labhair sé go dóighte leis i dtaobh an dearmhaid a bhí déanta aige: go dochaiseach, neamhmín. Thug sé súil dhóighte orm nuair labhras bunóscionn a shaoileas a chuirfeadh síos tríd an dtalamh me: míoshásta, míothaithneamhach. Na saighdiúiridhe bochta dhá threascairt a's gan aonne i mbun iad d'adhlacadh, is iad an radharc dóighte iad: truaighmhéileach, brónach. Silfir go dóighte fós: beidh deóra guirte teódha leat lé haithmhéala. Is orm a bhí an t-aithreachas dóighte 'n-a dhiadh san: is mé a bhí go cráidhte liom féin as an rud do dheineas (dearmhad). Beidh imirt dhóighte idir an dá fhuirinn spáirneach úd: dian, gan aon truagh dá chéile. B'é an lá dóighte dhuit an lá chuirfeá bréag orm, bhainfinn sásamh as t'easnaidheachaibh: an lá go mbeadh cuimhne neamhshubháilceach agat air. Leagadh go dóighte me ar chnocán cloch: lé fuinneamh: go róthrom.

dóighteacht: *b.3.* déineacht, clipightheacht, cráidhteacht, buaidhreamh, seirbheacht, dáil bheith caithte lé teas nó teine. Cuireann cainnt bunoscionn dóighteacht istigh ar mo chroidhe: míothaithneamh agus buaidhreamh. D'éirigh sé as an imirt, tháinig dóighteacht air aice lé n-a faid: tuirse trí neamhshuim. Níor imthigh an dóighteacht leat de fós i dtaobh a dhíthshealbhuighthe: an tseirbhe. Lé dóighteacht an fhir níor reamharuigh an stoc: feóidhteacht ón ngréin. Gan a bheith ann, ar mh'anam go bhfuil dóighteacht aigne orm: ciapadh: míoshásamh. Dá bhfeictheá a dhóighteacht do thug sé fúm (lé n-a theangain, buille etc.): an fuinneamh is an gomh a bhí leis. Cad é an dóighteacht a chídheann tú orm-sa seachas aonne eile ná glacfí liom: an locht: an ceal. Is mór go léir an dóighteacht bheith gan lasán a's tobac siar síos agam: crádh.

dóighteán: *f.1.* teine mhór dhíoghbhálach; an chuid den lóchrann go mbíonn an buaiceas ann. “Murchadh an dóighteáin”: an Murchadh nár choigil an teine ar áitreamh na ndaoine. Dóighteán seadh an cnoc ar fad: tá sé trí theine. Deineadh nead dhóighteáin de Bhársá: cuireadh teine a’s loscadh innte ar fad. Tabharfaidh sé dóighteán don dtigh ’e cheal té: an oiread san buile air. Ar a mbeidh ólta anocht ges na diabhalaibh úd beidh dóighteán aca: beidh gleódh a’s achrann a’s bruidhean.

dóighthín: *f.4.* duine, ainmhidhe, nó rud, etc., gur féidir dánaidheacht do dhéanamh air nó buannamhlacht, nó teangbháil leis. Féach air sin de phoc peile, ní haon dóighthín imireóra é siúd agat: imireóir ná cuirfeá fé n-a thuairm a fheabhas a’s tá sé. Ná bí id dhóighthín aige chun bheith ag imirt ort: ná leig do (cuir in iúil) bheith ag déanamh cleas magaidh fút. Budh mhaith an dóighthín d’aonne go mbeadh ceal air triall ar na daoinibh flaitheamhla úd: an áit dhóchaiseach. Capall malluighthe atá agat, ní haon dóighthín é: ní deimhin dul ar a iontaoibh. “Cá bhfaghann sé an t-airgead ar fad?” – “ní fheadar, ní haon dóighthín é siúd agat chun a dhéanta”: ní duine le magadh é: fear forasta é. “Ní dóighthín mise agat, beir leat, ar aon chuma go maidean”: ná samhluightear duit mise do thógaint ar mo dheallramh má tuigtear duit gur duine ar bóiléagar me, nó gur furaiste bob do bhualadh orm. Tá do (dhá) dhóthain de dhóighthín istigh leat anois: tá do chomórtas leat go maith.

doilbh: *a.* duairc, brónach, smaointeach, diamhair, dorcha, doiléir. Scéal doilbh dubhach ag an bPólainn, a bheith scriosta, claoidhte: dian, míoádhmharach. Smaointe doilbhe dhá dhéanamh dom ar an saoghal deacrach atá rómham im dhíbeartach: croidhebhriste. Fágann san ar aiste dhoilbh me, bheith scartha leo súd dob ionmhaine agam: ag déanamh smaointe tromachroidheacha. Is ait é toisc na saosúr leis, féach ar an gcrot doilbh a thagann ar scéimh na talmhan sa geimhreadh: mísciamhach, caithte, neamhthaithneamhach. Nách doilbh ataoi annsan ’n-a measc gan focal cainnte asat: gruamdha. Is mór gur doilbhe liom mo chúrsaidhe féin ’ná cúrsaidhe chách: gur mó atáid ag dóghadh mo ghirbe. Deir daoine gur ón Éigipt do tháinig an chéad treabhachas, daoine eile gur ó lár na hEóraipe dhóibh, cúrsa doilbh é do réidhteach: doiléir, aimhréidh. An uaigh dhoilbh ’n-a luighir uaim innte: uaigneach: duairc do mhachtnamh uirthe. Oidhche dhoilbh amuigh, “is maith an t-ancaire an t-adhartha”: dorcha, do-eólais, ná fuil oireamhnach do bheith fúithe.

doilbhcheódh: *f.1.* ceódh trom, scailpeach, dorcha, brón thar brón. An bás a’s an aindeise sás curtha an doilbhcheóidh ar inntin an pheacaigh: brón a’s athtuirse. I ndeireadh an tsamhraidh do thagann an doilbhcheoidh ón bhfarraige aniar go mbíonn chómh dorcha lé tóin an phúca: ceódh ’n-a dhlúimh nó n-a dhoighir thiugh, throm.

doilbhe: *b.4.* cúis cheasnaidhe, athtuirse, anacair, dianchrádh; buaidhreamh. Méaduigheann an uireasbhaidh doilbhe an bháis: an brón a leanas é. Gura lughaididhe do dhoilbhe buadhachtaint ar Shasana: nára truimide do thuirse croidhe san do thárlachtaint. Doilbhe an tsaoghail eile atá ag teacht liom: rún na síorraidheacht atá ag déanamh tinnis dom. Buadhann a dhoilbhe orm: a dho-thuigse dhom: doimhneacht a bhrighe. Tháinig doilbhe chroidhe dho as an ósbairt do fuair sé: ceasnaidhe throm.

doilbheach: *a.* brónach, dubhach, athtuirseach, ciapuightheach, aindeis. Beart dhoilbheach atá aige, ag obair ó dhubh go dubh ar phúnt sa tseachtmhain: suarach, marbhthach, beagthairbheach. Fágfaidh an fheóil neambruithte bolg doilbheach agat: tinn, tinneasach. Budh dhoilbhighe leis a athair d'fhagháil bháis 'ná a mháthair: budh bhrónaighe. An peacach doilbheach: aindeis, suarach.

doilbhir: *a.* dobrónach, duibhleannach, dubhach. Mhuise, geallaim dhuit gur cuma dho bheith bocht nó saidhbhir a's an crot doilbhir a bhíonn gach lá den mbliadhain air: dubhach: ceannfé air do shíor. Éire ní ghealfadh a chroidhe doilbhir, lionn dubh air ó éirghe go luighe dho: é dhá shníomh ge brón a's duairceas. Deineadh taidhbhreamh doilbhir dom airéir – go rabhas marbh i gcómhrainn: diamhair: a chuirfeadh critheagla ort machtnamh air.

doilbhreacht: *b.3.* gruamdhacht, mío-áthas; lionn dubh. Caith siar an deoch spionnaidh sin, scaipfidh sé an doilbhreacht uait: an ísle bhrighe: duairceas. Leath a bhás, mar budh mhór an phudhair é, doilbhreacht ar fuaid na dúthaighe: duairceas.

doilbhthe: *a. n-dh.* doiléir, rúnda, diamhair. Bíonn cleasa doilbhthe an diabhail ar siubhal aice lé luibheannaibh, ghá mbrughadh, mbeirbhiughadh, dhá gcumasc a's ghá dtabhairt mar leigheas: cleachtadh asarlaidheachta: cleasa foluighthe draoidheachta. Nách ar an nduine do thagann an saoghal go doilbhthe tréis a chuid eolais go léir?: rúnda: dall: dothuigse.

doiléir: *a.* dall, dorcha, neamhdheimhnightheach, dothuigse, doiléasta, dofhulasach. Cainnt dhoiléir nár thuigeas a leath, bhí sí chómh híseal, balbh san: nár bh'ionchlos trí locht. Níor mhór duit spéaclaidhe chun na bhfocal ndoiléir seo do léigheamh: gan iad do bheith trom, soiléasta i gclódh nó i scríobhnóireacht. Tagann an tSeanGhaedhilg an-dhoiléir orm mar nách mór é m'eólas uirthe: deacair do mhionscrúdughadh: deacair cumas do bhreith uirthe. Tá an scéal chómh doiléir orm agus bhí riamh tréis an mínighthe ar fad: táim chómh dall air agus bhíos. Soillse doiléire a bhí ag an luing ar eagla na mbád fé thuinn: dorcha: dalla: neamhghluardha. An-dhoiléir do thaidhbhsigh an t-oileán dom lé n-a fhaid uaim: doiléasta: gan radharc ceart d'fhagháil air. Seo spéaclaidhe doiléire ná hoireann dom shúilibh: múchta: neamhsholasmhar: níl radharc cosamhail agam tríotha.

doiléire: (**doiléireacht**) *b.4.* ceal léargais, ceal gléineachta; neamhghlinne. Cuid mhór den sean-scéal nách féidir le haon scoláire anois do mhíniughadh dhúinn lé n-a dhoiléire: deacracht lé seandacht: doircheacht mínighthe. Cuid mhór den Scríbhinn Diadha a théigheas díom do thuigsint lé n-a dhoiléire: cheal é bheith réidh go leór dom thuigsint chumhang. "Toisc doiléire na spéarach", ars an captaen, "níor thugas fé ndeara an namhaid go raibh sé ar chorp orm": tiughas an aoir, an aerbhruit.

doilgheas: *f.1. 7 3.* brón, ceasna croidhe, crádh inntine (aithreachas); croidhebhrughadh; buaidhreamh. "A Thighearna, tá doilgheas orm trí fheirg do chur ort riamh leis an bpeaca" (paidear): brón agus aithreachas nó aithmhéala croidhe. Doilgheas ar bith ní chuireann sé air díoghbháil do dhéanamh: dólás croidhe. Lean doilgheas me ar feadh mo

bheatha dhóibh seo a cailleadh ag troid im fhochair: brón buan. Ruaig díot an doilgheas i dtaobh mo locht, a's gluais liom féin ag aoibhneas: an chlaoidhteacht croidhe.

doilgheasach: *a.* brónach, aithreachasach, bristechroidheach, uairc. Beir-se go doilgheasach mara dtugair malairt bóithre ort féin: beidh aithreachas ort i dtaobh do bheart. An maith dhom bheith doilgheasach as ar dheineas go holc ort?: tuirse croidhe do bheith orm. Tháinig Loch Léin aige agus budh dhoilgheasach an saoghal a bhí aige gur leighidh an cnapán 'n-a bhléin: duairc: neamhshubháilceach.

doiligh: *a.* brónach, duairc; neamhshubháilceach, duaibhseamhail, tinneasmhar. Tá búir dhá phléascach agus ní doiligh liom-sa san: ní chuireann aon chathughadh croidhe orm. Budh dhoiligh an bás do fuaireadar, teannta istigh i mbád fé thuinn gan chao éaluighthe aca: andhubhach ar fad. Obair dhoiligh a bhíonn ar dhochtúir aon am den ló nó d'oidhche ag freastal ar othar: dian, diachair, duaibhseamhail. Peaca doiligh seadh duine do mharbhadh: peaca doirbh, cruadhálach.

doimhin: *a.* do dhul i bhfad síos ón uachtar, trom, glic; dothómhaiste, árd, sáidhte; gabhtha, forasta. An fharraige dhoimhin, poll doimhin, faill dhoimhin: árd. Poll doimhin fén bhfaill, gcnoc etc.: ag dul i bhfad isteach. "Is iad na huiscidhe doimhne a ritheas go ciúin" (seanfhocal): is iad na haibhnte nó na haigéin is sia síos tóin aca is lugha a ghníos glór. Cailín go bhfuil grádh doimhin uirthe agus clampar doimhin dá chionn, mar ná faghadh sí a tnúth súl: grádh díoghraiseach agus buadhairt throm. Éistfead léd ghlór, mar tá meas fir dhoimhin agam ort: fuaimeantamhail: fear a mhachtnuigheas, a mheádhas rud go fódmhar, breithnightheach. Ceist ró-dhoimhin í sin, éirighim as a réidhteach: ródhaingean lé háidhbhéile a deacrachta.

doimhne: *b.4.* faid síos nó isteach; faid achair ón uachtar nó ón bhfaobhar (doimhneas, doimhneacht). Céad feádh ar doimhne: ó uachtar go tóin. Siar i ndoimhne na bóchna do báthadh an long: an áit go raibh sí an-árd go tóin puill. I ndoimhne na gcnoc sa Bhreathnaise seadh gheibhtear an gual: isteach ar fad 'n-a gcorp. Ghlacas ceann de dhoimhne a chómhráidh, cainnt inspéise eólgaiseach ag teacht uaidh: léigheanntacht, fuaimeant is tabhairt amach. Ar mh'anam ná fuil sé chómh furaiste sin teacht ar dhoimhne an fhir úd Stailín, go bhfuil na Cómhachta go léir i bpoll an amhrais aige: doiléire: ar dháil gur deacair a nochtadh cad tá sé do dhéanamh.

doimhneacht: *b.2.* poll fé thalamh, tréinse clais, "méiscre". An cnoc, ní maiseamhla é den ndoimhneóig ghránda do ghearradh treasna a bhrághad: trínse nó clais. Doimhneacht fothana atá dhá dhéanamh ar an nDún Mór i gcóir na muiridhthe fartha: poll sa talamh.

doimhnighim: *b.a.* 7 *n-a.* téighim síos i dtalamh, in uisce, isteach i bhfad; tóchaim i bhfad; follamhuighim as (mar cré, clocha, uaigh, etc.). Ó bhliadhain bliadhain doimhnightear na múcháin go mbaintear an gual asta: tagann méid ortha síos sall a's anall. Doimhneóchaidh an galar san ionat mara bhfreatháltar go tapaidh, cúramach é: raghaidh sé i gceangal isteach id chorp. Doimhnigh: leig síos do dhoradha breis, nó do líonta fé bhrághaid an éisc. Doimhnigh isteach ann (biadh): ith do dhúlsháth. Ná doimhnigh tú féin i bhfiachaibh, is fusa iasacht nó díolaidheacht: ná sáidh rófhada fé n-a

n-ualach. Chómh doimhnighthe san ionam do anois nách féidir liom scaramhaint leis: daingean istigh ionam lé cleasaibh meangaidh, plámáis nó urchóide. Dhoimhnigh an dubhán an oiread san trím bhais gur bh'éigean a tharrac amach ón dtaobh eile!: chuaidh sé go fuirc ionam. Doimhnigh fé (an gclaidhe, faill, etc.): téighir níos sia uait. Doimhnigh uaigh annsan do: tóch an talamh go néir poll cómhrann.

do-imtheacht: *f.3.* dul olc; drochfhuadar, droichiomchar, crích aindeis; drochdhán. Is fada go mbíonn do-imtheacht ar an alfraits, bás gránda, salach, báthadh nó dóghadh: droich-chríochnughadh beatha. Ar dhéanamh ruda a ghoirtigheas duine nó gur mór an déistin do chuireann, deirtear: "do-imtheacht ort!". Níl aon fhuadar fút ach fuadar an do-imtheachta, mo bharamhal-sa ort: tuarann do bhearta gurb aindeis an deireadh beatha atá i ndán duit. Ní fheadar in ao'chor cad deirim leis an ngarsún san i dtosach a shaoghail do, ní maith liom an do-imtheacht atá fé: iomchar olc. Ná bíodh a mhilleán aige ar aonne ach air féin, fuair sé cion a dho-imtheachta: an rud a bhí tuillte ge n-a bheartaibh ná raibh ar fóghnamh. Chuir do-imtheachta lucht na cathrach an oiread san díbhfeirge ar Dhia na Glóire gur loisc Sé ó neamh iad lé teine a's ruibh: an drochchuma 'n-ar iomcharuigheadar iad féin "ar gach slighe ó indiugh go dtí ambáireach". Anuiridh go raibh an do-imtheacht fés na barraidhibh: go raibh cuma olc fásta a's aibighthe ortha.

do-imtheachta: *a.* do-thaistealuighthe, doshiubhalta, do-sheólta; deacair; righin. Chaitheas uaim an gluaisteán céadna bhí sí chómh do-imtheachta leis an gcarraig féin: deacair do chur ar siubhal. Lém linn ní raibh aon gharsún ar scoil budh dho-imtheachta 'ná me féin caithfead a admháilt. An bhfeacthas riamh doimhneóg is do-imtheachta 'ná an méiscre gránda san do deineadh fé scéim na fórthana treasna an chnuic: gur deacra a shiubhal. D'áthraidhibh ní abha do-imtheachta an tSionainn suas go Luimneach: doisheólta. Nuair fhuarann an t-inneal tréis na hoidhche fén sioc bíonn sé do-imtheachta a dhóthain: deacair do chur ar siubhal.

doineann: *b.2.* drochaimsir, dubhluachar. Idir dhoininn a's shoineann bím amuigh leis an bpoit: olc maith don aimsir. "Ní théigheann rabharta thar Aoine ná doineann thar Dhomhnach" (seanfhocal): ó Dhomhnach amach bíodh súil lé lagughadh na drochaimsire agat. "Ceódh doininne ar chnocaibh, ceódh soininne ar aibhnibh" (seanfhocal): ar bh'fheicsint ceóidh ar an gcnoc duit bí ar t'aire féin roim an aimsir.

doineannta: *a.* stoirmeamhail, drochaimsireach, casta, feoidhte. Chroitheas lámh lé fear a bhí os chionn céad bliadhain, a's budh dhoineannta an chuma a bhí ar a ghné, rocach, buidhe, ar nós an leathair: clódh a's deallramh na síne air. An aimsir dhoineannta so, gaoth agus fliuchán, níl fás ar luibh ná ar thortha: geimhreamhail. Farraige dhoineannta a chuir iachall ar an loingeas triall ar dhídean cuain: aimsir anaitheach, challóideach. An iongadh dos na tighthibh atá sa mám fiadhain suas doineannta do bheith ortha: cuma neamhthaithneamh na droichshíne.

doineanntacht: *b.3.* anfadhacht, fuacht, fiadhantas a's feannaid. Ní minic a téightear 'on Tiaracht sa gheimhreadh le doineanntacht na bóchna n-a tímcheall: fraochdacht: olcas a's conntabhairt. Má gheibheann an barra san a luighead doineanntachta, mar ná fuil an fulang ar ghaoith ná droichshín aige meathfaidh sé.

doinndearg: (**donndearg**) *a.* donn a's dearg meascuighthe. An bhean dhoinndearg.

doinne: *b.4.* ar dháil nó aiste bheith donn. A dhoinne gen ngréin: an dath do thugann luighe na gréine ar an gcneas.

do-innste: *a.r.* nách féidir trácht nó cur síos air. Peacaidhe do-innste atá orm, is dócha gur b'é mo dhán dul go dtín t-easbog: nách furaiste d'fhaisnéis. Scéal éigin do-innste atá aige go bhfuil sé mar bheadh cearc go mbeadh ubh aice: é ghá iomchar go neamhshubháilceach: go mb'fhearr leis a chúram do bheith dhe agus fós eagla a fhaisnéiseadh air. Bainim sásamh do-innste as do dhuaidhnéis: ní féidir liom an bhreághthacht do chuireann do thinneasughadh orm trácht air.

do-iompuighthe: *a.r.* nách féidir d'atharrughadh. Bheinn chómh do-iompuighthe ar maidin ambáireach agus táim anois in aghaidh mo thuairme ar fháth an chogaidh: do-atharruightheach. Beó, bocht, dealbh, budh mhar a chéile é, bhíodar do-iompuighthe ar an gcreideamh gallda le haon bhreib: níor bh'fhéidir iad d'atharrughadh 'n-a slighe áirighthe féin chun Dé.

doirbh: *a.* searbhasach, gruamdha, piantach, neamhchórach. Gaoth dhoirbh anoir againn a's sinn ag teacht aniar: 'n-ár gcoinnibh. D'fháig sé a chuid bídh go doirbh gan beannughadh d'aonne: gruamdha, dorcha, neamhchainnteach. Tuar doirbh do bháis do neamhchaithteacht bídh: brónach. Cleasa doirbhe d'imirigheadh na 'daoine maithe' air adeir sé, é d'árdach na mílte ó bhaile ar mhuin capaill, é chur amugha, etc.: cleasa ainbheartacha. Budh dhoirbhe 'ná mar cheapadar Stailín gen bhFrainnc a's ge Sasana i láthair na margántachta murar bh'aon doighthín aca é chun boba do bhualadh air: dúr, doranna.

doirbheas: *f.1.* $_{7}$ *3.* brón, doilgheas, duairceas, míoshásamh; monabar, tuargnadh(mh). Doirbheas lé dlighe Hitlear, adeir Sasana, a chuirfidh deireadh lé n-a réim mar go bhfuil na daoine ag gearán go géar cheana a's go n-éireóchaid 'n-a aghaidh: míoshástacht agus col leis. Ar theacht i dtalamh do 'n-a aonar ar scolb raice budh mhór an doirbheas croidhe dho a chlos gur báthadh an fhuireann uile ach é féin: an buaidhreamh 'san t-ualach croidhe a's aigne dho. Budh bheag a dhoirbheas i ndiaidh a chéad mhná nuair phós sé mí tréis a báis: brón. Ní leigfeadh doirbheas do teacht ar an mbainis toisc nách air do glaodhadh ar dtúis: dorannacht: ceal sochmachta meóin.

doirbhshíon: *b.2.* drochaimsir cheart. Dream (lucht) doirbhshíne: daoine go mbíonn sé do chuma ortha go bhfuaireadar tóileáil ó chlampar an tsaoghail.

doirbhtheach: *f.1.* duine doshásta, searbh, dúránta. An doirbhtheach nár thaithigh riamh cuideachcta a chómhdhuine a's ná feacthas ar bhainis ná ar thorramh: searbh, do-leanamhnach, ciúin. Bheith id dhoirbhtheach le haonne, cad tá buaidhte leis? nách maoidhte bheith cainnteach, bog, réadhchúiseach: duine gan conbharsáid.

doirche: (**doircheacht**) *b.4.* duibheacht na hoidhche nó de cheal solais; doiléire; gruamdhacht. B'eagal lé n-a mhuinntir riamh ó fhás sé 'n-a ógánach go raghadh dá mheabhair toisc doirche a shlighthe a's a mheóin: neamhghealadhram: ceal meidhre. Ná bíodh milleán agat ar an gcréatúir, tá an doirche ag cur air: ceal a chion radhairce. Mór an truagh Mhuire an té go mbíonn an doirche air: daille nó giorra radhairce. Ní fhéadfadh sé a haon sa dhó d'áireamh duit, ná beadh maoithneachas agat leis lé n-a dhoirche?: a aineólas: daille a inntine. Go n-imthighidh an doirche des na críostaidhthibh a's go gcuiridh 'n-a gcroidhe síothcháin do dhéanamh: an daille: an ceal eolais ar Dhia ghá gcur ar a n-aimhleas.

doircheadas: *f.1.* duibheacht oidhche, scamall, puill, etc.: ceal léargasa. Doircheadas na hoidhche do bhain díom an long: doiléire an aerbhruit. A Dhia, soillsigh mo dhoircheadas: déin soiléir dom na nidhthe atá do-thuigse orm. "An nidh adeirim-se libh sa doircheadas abraidh-se sa tsolas" (Matha X. 27). "Dia nár chuiridh an doircheadas díoghbhálach ar Chríostaidhthe bochta an domhain" (rádh coitcheann): go raibh Dia do shíor ar ár leas.

doirim: *b.a.* Doireann an tarbh an bhó: cumaisceann léi. Bó dhortha: bó go mbíonn an tarbh fachta aice. Ar chongaibh an bhó an doir?: ar tháinig sí fé athdáir?: an bhfuil gamhain innte. Bó dhortha i mbéal bheartha: i ngiorracht do ghamhain. Tarbh maith dortha: tarbh tapaidh a's ná cailleann ba an dáir 'n-a dhiaidh.

doirnín: (**dúirnín**) lán glaice bige. "An bhfuil airgead aige?" – "doirnín": fíorbheagán. Caith doirnín mine chun an bheithidhigh: lán glaice go beacht. Bíonn dúirnínidhe ar chrann na speile chun beartha uirthe.

dóirseach: *a.* fé dhoras, fé chuid mhaith doras. Tigh deaghdhóirseach ná mothuigheann an tsín: dóirse maithe, láidre, daingne. Tigh ró-dhóirseach a bhaineas dá shlacht: iomad doras. Cneadh dhóirseach: go mbíonn béal silte uirthe. Bíonn do phócaidhe ró-dhóirseach i gcuideachtain: bír ró-chaithteach.

dóirseóir: *f.3.* duine a thugas aire do dhoras. Dá mbeitheá id dhóirseóir ar ifreann is dóigh liom go mbeadh doicheall ort: deirtear lé duine neamhfháilteamhail. "An mbeidh sé ann?" – "nách é an dóirseóir a bheidh ann é": is é a bheidh. "Óir is fearr lá id chúirtibhse 'ná míle; dob fhearr liom bheith im dhóirseóir i dtigh mo Dhé ná bheith im chómhnaidhe i bpailiún an chionntaigh" (Sailm LXXXIV. 10).

dóirseóireacht: *b.3.* freastal dorais. Ní bhfuair sé an dóirseóireacht féin uatha: fuair sé droichdhéanamh.

doirtim: *b.a.* ₇ *n-a.* leigim do tuiteam mar bainne as árus le faillighe nó toil nó scaipeadh mar rud mín ar nós mine; goilim; caillim a dhath; scaoilim amach go flúirseach; silim. Doirtfir geir na coinnle ar do chuid éadaigh, seachain!: scaoilfir uait go manaoiseach. Baineadh barrathuisle as an gcailín agus doirteadh an calán bainne a bhí aice: d'imthigh an bainne ar fuaid an bháin as. An té a dhoirt (a shíol) ar an dtalamh cuireadh chun báis é: a leig do tuiteam. Athchuinghim ort, a Dhia, lé croidhe umhal, doirt do ghrásta go

líonmhar in ár n-anamaibh: scaoil amach. Is iomdha deóir ghuirt do dhoirteas lé cumha: a shileas go fuidheach: a tháinig ’n-a sruthaibh óm dhearc. Beag é a meas orm-sa, is cian ó dhoirteadar fé n-a gcosaibh me: chaitheadar uatha me a’s phasáladar orm. Doirt púdar ar t’aghaidh: scaip. Doirt min ar na prátaidhibh: croith agus scaip thall agus abhfus. Dath dearg a bhí ar an éadach san, tá sé feóidhte anois, do dhoirt sé: do thréig sé. Braon fola ní dhoirtfeadh na meathtaigh ar son a ndúthaighe: ní throidfidís le heasbhaidh misnigh. Nách mór mar dhoirt sé a thoil ort go bhfuilir fé chuing aige: a leag a’s a chuir ’n-a luighe ort. Tá an t-árus faobhar lé faobhar, doirtfir!: silfir cuid dá bhfuil ann. Ní dhoirtfinn allus leat!: ní chuirfinn pioc as dom féin ar do shon. Doirteadh na fichididhe pléascán ar an gcathair: leigeadh dóibh tuiteam.

doirtighthe: *a.r.* silte; scaoilte (amach); feóidhte. Is mithid dom neart do bheith doirtighthe, is iomdha duadh ’sanacair a rug orm: snoighthe. Toisc na dathanna bheith doirtighthe sa bhratach níor bh’fhéidir do dhéanamh amach cad é an tír gur bhain sé leis: feóidhte, tréigthe, rithte. Cá maith brón an bhainne doirtighthe?: an bainne imthighthe fén mbán. Nuair bhí na duilleóga doirtighthe ge áthraighe aoir Shasana ar an gcathair d’fhilleadar abhaile: scaoilte uatha. Beidh fuil doirtighthe sara mbeidh an cogadh thart: silte.

do-ithte: *a.* deacair le n-itheadh, nó nách féidir. Feóil do-ithte seadh feóil chapaill seachas mairtfheóil: is lugha go mbeadh fonn chúiche.

dól: *f.1.* brón. Ina dhiadh san chaith sé a shaoghal i ndólaibh a chortha: ag déanamh bróin ’n-a dtaobh.

dol: *f.1.* lúb, súil ruibe; snaidhm reatha; draip. Ithte ge fiacha a’s dolaidhe atá sé, gan pingin ’n-a cheirt: duabhais airgid. Cuir dol ar an éill a’s beidh sí furaiste a scaoileadh: snaidhm ruthaigh (reatha). Tachtadh an coinín sa dol: súil ruibe. Téadán trí ndol: cheithre cuir nó snáithínidhe. Adhmad trí ndol: go mbíonn trí sleamhanncacha éadtroma os chionn a chéile ann. Dol gleamach: pota gleamach.

dola: *f.4.* pionna cruinn adhmaid (iarainn) go mbíonn cléit an mhaide rámha air.

do-labhartha: *a.* drochchainnteach, do-ráidhte; gur deacair a luadh lé n-a olcas nó lé n-a gháirseamhlacht. Táthaire do-labhartha ná faghfá uaidh ach an focal is measa ’n-a phus: teallaire míbhéasach, béalurchóideach. Chaith sé carbhall do-labhartha liom ná luadhfainn ar rud mhaith: briathar míochuibheasach. Chuirfeadh sé deargnáire ort bheith ag éisteacht leis an gcómhrádh do-labhartha a bhí ag an mbeirt aca i dtaobh ban: gáirseamhail.

doladh: *f.1.* riar dian; tromaidheacht; géirleanamhaint. Beidh an Phólainn, is baoghalach, fé dholadh gen Rúis a’s gen Almáin i bhfad sara bhfuasclaidh Sasana a’s an Fhrainnc í: tromaidheacht riartha. B’fhada mar phaiste orm bheith fé dholadh ag bodach dian mar thusa: fé dhiansmacht.

dó-lámh: *b.2.* i mbeirt a's i mbeirt, duadh a's deabhadh. Imrimís dó-lámh: beirt i bpáirtidheacht. Riamh ní fheaca fear ag cur chun oibre chómh greithileánach, fuadarach. An dó-lámh go léir a bhíonn air ná bíonn ar aonne eile: fústar deabhadh tar meón.

dó-lámhach: *a.* ag obair (imirt) i mbeirt, cómhmhaith clé agus deas; dian-oibreach; géibhinneach. Aimsir dhó-lámhach an fóghmhar agam ar bheagchabhair: géibhinneach: brostuightheach: broideamhail. Ges na báid fé thuinn siar fén bhfarraige atá an aimsir dhó-lámhach d'iarraidh tráchtáil Shasana do chur ar tóin puill: ag saothrughadh go duaibhseamhail i leith aimsire agus méid a ngnótha. Duine dó-lámhach aonne amháin i dtigh: bíonn "obair ag baint na súl as". Imirt dhó-lámhach: beirt mar pháirtidhthe ge n-a chéile.

dólás: *f.1.* brón i ndiaidh dochair nó i dtaobh gnímh go leanann aithreachas é; buaidhreamh; duadh aigne; tuirse smaointe. Chuir sé dólás orm thú d'imtheacht tar lear gan slán do chur leat: d'fhág sé m'aigne neamhshocair. Nách é an dólás dóibh a mbailte dóighte a's iad ruagtha ó n-a bhfaghá ltas: buaidhreamh aigne agus cuirp. Ní dólás croidhe ná pioc do chuireann a pheacaidhe ar an ainscian: fulang géar in aigne an duine.

dólásach: *a.* brónach, tinn in aigne, dubhach. Budh dhólásach an ceanntar é an oidhche báthadh leathchéad iascaire ann: buadhartha, duairc. Scéal dólásach don tráthach bheith ag amharc an tsáthaigh: dubhach.

do-lasta: *a.* mall lé lasadh; nách féidir a lasadh. "An dtógfadh an "tslinn" nuadh so teine?" – "ní thógfadh; tá sí do-lasta". Ná beifeá chómh do-lasta lé daoinibh eile a's gan cochall do theacht ort ar fíge fíodha?: do-fheargach, ciúin. Is do-lasta féar ná tuighe: is deacra a chur trí theine.

do-lastacht: *b.3.* do-chorruightheacht méine, do-ghabháil teine. Chuir a dho-lastacht iongadh ar a raibh láithreach nár tháinig buile air ar an imdheargadh a's an tarcuisne do fuair sé: a dheacracht fearg do chur air. Do-lastacht na tuighe fliche a shaor an iothla ar dhóighteán: a righne ag gabháil na teine.

do-leighis: (**do-leighiste**) *a.* deacair do chneasughadh, do shlánughadh nó nach féidir. Téigheann sí de dhochtúiridhibh na Mumhan, cos dho-leighis seadh í: nách féidir bail do dhéanamh di. D'imthigh rud éigin do-leighis orm ná raibh aon chosaint agam air: ná raibh ar mo chumas a sheachaint.

do-léighte: *a.* nách féidir nó is deacair do léigheamh. Ní fheadar, ní thaithnigheann sé liom tagann sé do-léighte orm, ní bhfaghaim bun ná barr leis in áiteannaibh: dall orm. Ceasa an tseanleabhair ithte gen aois a's an clódh feóidhte, tá sé do-léighte go deimhin: duaibhseamhail na focail do thabhairt chun cruinnis. Tagann Frainncis do-léighte orm, mar is bocht é m'eólas uirthe: dian: cruaidh.

do-léighteacht: *b.3.* deacracht a léigheamh. Ar nós an uile ruda a bhaineas léi, bítear ag gearán ar dho-léighteacht na Gaedhilge: neamhfhusacht. B'éigean dom peictiúir na

hOgham Craoibhe ar Ghalán an tSagairt do tharrac lé n-a dho-léighteacht don tsúil: doiléire na hairscríbhinne.

do-leathscéil: (**-scéalda**) *a. n-dh.* ná fuilngeóchadh maitheamhnachas nó ná tuilleann. Cad é atá níos do-leathscéil 'ná duine do chaitheamh a choda ós chómhair a dhá shúl a's ghá bhochtnughadh féin go toilteanach: is deacra leathscéal do thabhairt ann nó a mhaitheamh. D'iarr sé airgead orm go neamhnáireach, do-leathscéil: gan aon adhbhar éilimh, as an gceanntsláine: gan a rádh gur theastuigh uaidh ar aon chuma.

do-lúbtha: *a.* do-chlaonta, nách féidir cor do chur ann; ceanndáine, daingean. Ar na hualaighe troma atá iomchartha riamh aige is do-lúbtha an drom do chuir Dia ann: daingean, teann. Iarann chómh do-lúbtha é sin go ndéanfadh dhá loma-leath dhe sara gcasfadh sé leat: docht ar chor. Darudha maith iascaigh é sin mar tá sé do-lúbtha: is deacair é do chur in achrann. Tá inntin chómh do-lúbtha le crann daraighe aige: deacair do chlaonadh ó n-a thoil. Nách do-lúbtha an raga fir thu ná féadfá cromadh chun do chuid gnótha: teann 'n-a chnámhaibh agus leisceamhail 'n-a shlighe.

do-lúbthacht: *b.3.* daingneacht, tinne, do-chlaontacht; dúire. Do-lúbthacht na haigne ná géillfeadh do chómhairle an duine ná do theagasc Dé: tinne. Tagann do-lúbthacht an ghaid leis an aois a's briseann: neamhfhulang ar chasadh do chur ann. Téigheann díom é do dhéanamh 'n-a fháinne lé n-a dho-lúbthacht: ní ghéilleann sé do chor chruinn ann.

do-luighe: *b.4.* luigheachán olc; díoghbháil mhór (tiomna). Do-luighe go raibh ort, is iomdha rud déanta as an slighe agat agus is beag truagh aonne dod bhuadhairt: mí-ádh ort. "Do-luighe ort-sa, a bhacaigh, ní bhfaghair mo leanbh-sa" (bean ag cur a leinbh chun suaimhnis codlata): dul go holc ort.

do-mhaise: *b.4.* drochbhail; droichsciamh. Do-mhaise dhuit b'eadh é d'eiteach ar bheagán: níor chuibhe dhuit é: níor mhóidide meas chách ort. Tugann an leadhb hata san do-mhaise ort: cuma ghránda.

do-mhaiseach: *a.* gránda; míothaithneamhach. Thug an cath breóidhteachta gné do-mhaiseach air: cuma mhílítheach. Budh dho-mhaiseach léi é chun a phósta: níor thaidhbhsigh sé breágh a dóthain di.

do-mhaithte: *a.* ar dháil ná maithfí nó nár bh'fhéidir do mhaitheamh. Peacaidhe do-mhaithte seadh peacaidhe in aghaidh an Spirid Naoimh: gurb an-dheacair loghadh d'fhagháil ó Dhia ionta. Cúis dho-mhaithte dhom air mo dhreatháir do mharbhadh: nách féidir liom síothcháin aigne do dhéanamh leis 'n-a taobh.

do-mhaithteach: *a.* gan bheith leagtha lé maitheamhnachas, le párdún, dearmhad cora, díoghbhála, nó cúise. Dein oiread agus aon rud amháin as an slighe air a's fánfaidh do-mhaithteach go lá a bháis: choidhche ní dhearmhadfaidh duit: congaibheóchaidh in olc duit é. Beidh sé do-mhaithteach leat go n-íocair an phingin dheireannach leis ded chuid fiach: dian san éileamh. Táid agus beid do-mhaithteach dá chéile faid bheidh braon 'n-a súil ar an achrann talmhan a bhí eatartha: gan dearmhad nó dí-agairt do dhéanamh.

domhan: *f.1.* an chruinne; an saoghal; an talamh. Sé a gort beag a dhomhan: tá grádh mór aige dho. Mara bhfaghad-sa mo shlighe mhaireachtainte annso in Éirinn, tá an domhan fairsing agam: tá fuighleach áiteanna eile agam lé dul ann. An t-iongadh tháinig ortha nuair chonnacadar me budh dhóigh leat gur fear ón nDomhan Toir me: iasachta, suaithinseach. Budh dhóigh leat gur ón nDomhan Toir do thánag chúcha, an t-áthas a bhí ortha rómham: lé faid go bhfeacadar me. Daoine ceannláidre ná géillfeadh do dhomhan ná dhuine: gan beann aca ar aonnidh. Go bráth ní bhfaghad mo bhata, ní fheadar sa domhan bhraonach cár ghaibh sé: "ar thalamh na cruinne". D'éist leis an dá thaobh go haireach, ach pé ar domhan de, níor thug géilleadh d'aonne aca: bíodh a's gur éist. Bím ann ambáireach nó ná bím, pé ar domhan é, bead ann arbha ambáireach: mar seo nó mar siúd. Pé'n domhan scéal é caithfean itheadh a's ól: d'aindeóin so súd. Beidh daoine an domhain ar an gcruinniughadh san ag éisteacht leis an dTaoiseach: mórchuid (Éireann). D'imir sé an phingin domhan déidheanach ar an roth: an uile phingin 'n-a sheilbh. An domhan lé chéile do shiubhal ní bhuailfeadh fear níos galánta leat: an domhan mór. Bhítheas ann ó cheithre chúinne an domhain: ó gach áird de. Chuirfinn an domhan as, féach, lé muinghin a bhuaidhte: a mbeadh agam chuirfinn síos mar gheall é. Beidh an domhan ar fad 'n-a choinnibh mar bhí cheana: cómhachta an tsaoghail. Níl sé ag siubhal an domhain fear is fearr: ní mhaireann. An domhan ní thabharfadh ciall do: is cuma cad thárlóchadh do agus cá minic ní thabharfadh ar athchómhairle é. "Agus thárla ins na laethibh úd go ndeachaidh aithne ó Shéasar Agustas an domhan uile do mheas": Ímpireacht na Rómha. Beidh an domhan chughat mara luathuighir: má mhoillighir chídhfidh na sluaighte thu. Tá an domhan siubhalta agam díot: tú loirgthe i ngach áit agam. Os choinne an domhain annsúd: soiléir: gan cheilt. Ar an ndomhan ní labharfainn leis: níor bh'fhéidir iachall do chur orm ná me mhealladh ar chuma ar bith. Cad é meas an domhain amuigh ar Éirinn anois?: tíortha iasachta. Gheóbhfí an domhan éisc dá mbeadh an aimsir chuige: mórchuid.

do-mharbhtha: *a.* nách féidir nó deacair do mharbhadh; síorraidhe. An t-anam do-mharbhtha a mhairfeas trí shaoghal na saoghal. Filidheacht do-mharbhtha: ná raghaidh ar díth cuimhne. Nách do-mharbhtha an t-iasc eascú fharraige: bíonn beatha righin innte.

do-mharbhthacht: *b.3.* suthaine, síorraidheacht. "Óir is éigean don nidh a thruaillighis-se neamhthruailleadh do ghabháil uime agus don nidh so-mharbhtha so do-mharbhthacht do ghabháil uime" (1. Cor. XV. 53): beatha gan chríoch gan teóra.

domblas: *f.1.* searbhas, lacht buidhe nó glas go mblas múisce a bhíonn foluighthe san aedh; leamhas; míoshástacht. B'é an domblas leis é do bhlaiseadh: i gcoinnibh a thola: fuair sé blas míoshásamhach air. Sé tuathal an domblais agam é, maran me nár thug an aire dho: ní imtheóchadh sé ar aonne ach fuairthéidh. Fuadach an chait ar an ndomblas agat é, rud gan tairbhe do thógaint: ródhéidheanach a fuairis do dhearmhad. Ní lugha liom an domblas ná thú!: tá an ghráin agam ort: an bhaint chéadna bheadh libh araon agam. Is mór é domblas an duine leisceamhail le haon tsaghas oibre: míothaithneamh.

domblasach: *a.* searbh, tarcuisneach. Is domblasach liom mar labhrais, ní maith liom san: searbh. Óráid dhomblasach gach oidhche ar Shasana ar an gcraolachán ón Almáin: tarcuisneach: mímheastamhail.

domblasta: *a. n-dh.* leamhbhlastamhail; falantach, tarcuisneamhail. Ó, léan air, iasc domblasta seadh é ná foidhneochainn im bhéal: gan blas maith ná cóir air. Labhrann sé ró-dhomblasta, ní bhfaghfá aon tsásamh 'n-a chuid cainnte: neamhlíomhtha, neamhthaithneamhach. Meón domblasta aige dos gach aonne gan tuairm mhaith aige de neach: aigne fhalantach tharcuisneamhail. Budh mhaith an mhaise uait gan bheith domblasta liom a's an éagcóir do dheineas ort: táire do bheith agat orm. Ím domblasta: cabhruighthe nó go mbeadh an blas nádúrdha imthighe dhe. Nách tuaisceartach an duine thu, is beannughadh chómh domblasta dos na daoinibh: neamhgheanamhail, neamhchneasta.

domblastacht: *b.3.* ceal críochnuighthe, snasta; easbhaidh shásta na teangan a's an charbaill, tarcuisne. Cuireann sé domblastacht orm bheith ag amharc ar dhuine ag déanamh roileáin de féin chun aoibhneasa dhaoine eile: tagann tarcuisne orm chuige. Ciach áir air mar arán ní fhéadfainn é d'itheadh lé n-a dhomblastacht: míbhlas: gheibhim blas míonádúrdha air. Dhamhnuigh cigire an bhúird an tigh lé domblastacht ná raibh sé tógtha dréir santómhais: ceal bheith chun a shástachta.

dombuidheach: *a.* bréan de, míoshásta lé. Mara chéile liom buidheach díom nó dombuidheach díom lucht an doichill: is cuma liom iad ghá fhoillsiughadh dhom go mbíd sásta 'n-a n-aigne liom nó gan. Dombuidheach díot ní bheinn dá dtugthá cóngnamh dom lé linn mo ghanntair: neambáidheamhail im chroidhe istigh. Mo ghoile dombuidheach den mbiadh nár réidhtigh leis: níor thaithnigh an biadh leis.

dombuidheachas: *f.1.* ceal buidheachais; ceal cion báidhe as bhail ar dhuine. Sin é an dombuidheachas agat – me do bhualadh tréis a chosanta!: ceal teasbánta na baile a dheineas do.

do-mheallta: *a.r.* deacair a chur amugha, do mhealladh, cleas d'imirt air. D'aindeóin ar gheall lucht an mheangaidh dho chun a bheartha ar a dtaobh i gceannairc in aghaidh ár dtíre fuaireadar é bheith do-mheallta: nár bh'fhéidir do bhuadhadh lé lúbaireacht. Inneall, dol, nimh aon rud do chuirtí chun na bhfranncach, bhíodar do-mheallta air: níor bhuail bob beartha ortha. Ceannuightheóir do-mheallta ná tagann droch-shádhadh dho féin gan féachaint chuige a's uaidh: nách féidir do chur amugha.

do-mheanma: *b.4.* ísle bhrighe; duairceas méine; claoidhteacht aigne. "Aon do-mheanma ní chuireann sé orm-sa", arsa Hitlear, Mearaice do theacht im choinnibh i bhfochair na coda eile, beann madra níl agam ortha: briseadh croidhe: lagughadh spiride. Do-mheanma an domhain uile bhíonn ar Liaimín dul ar scoil, mar ná bíonn a cheachtanna saothruighthe aige: dochma: mí-fhonn: neamhéascaidheacht. Is minic do-mheanma orm nuair mhachtnuighim ar an saothar duaibhseamhail, fada so atá romham: ísle meisnigh: mímhisneach: claoidhteacht croidhe.

do-mheanmnach: *a.* lag, neamhfhonnmhar; ísle-bhrigheach; duairc. “Ionnsaidhthe do-mheanmnacha a cuireadh ’n-a luighe gan puinn duaidh, do deineadh ar ár dtrínsidhibh indé”, do tháinig ar chraolachán na Frainnce: gan fuinneamh, gan dúthracht. Tusa an fear is aite liom-sa riamh, cuma dho-mheanmnach a thagann ort lé digh a n-airighim-se gur gealadhram do chuireann sí ar fhurmhór na ndaoine: duairc, gan tapadh, gan seódh. Oidhche dho-mheanmnach do caitheadh linn fé órdughadh gan tobac, gan chainnt i gcóir ionnsaidhthe éirghe lae: gan suairceas: gan aonnidh a chorróchadh spirid dhuine.

do-mheanmnacht: *b.3.* ísle brighe; claoidhe-chroidhteacht; lagachar spiride. An galar do-leighiste atá air a chuireann do-mheanmnacht an tsaoghail air: an claoidhe aigne a leanas an aiste mhaireachtainte atá roimis amach. Braithim do-mheanmnacht éigin indiugh ná fuil fonn suilt ná caitheamh aimsire orm: mairbheacht do-chorruighthe ar m’aigne. Scaoil dhíot an do-mheanmnacht san a’s luigh lé haoibhneas: neamhanam.

do-mheasta: *a.* do-labhartha, do-thómhaiste, do-áirighthe; ró-luachmhar; do-chomórtais. Gheobhaidh an Almáin anois cabhair dho-mheasta ón Rúis maidir lé déanmhas a’s adhbhar neamhullmhuighthe, biadh agus mianaigh: nách féidir a luach d’áireamh. Éadaighe daora, fionnaidhe, seóda agus earraidhe do-mheasta eile: gur deacair sprioc do chur lé n-a luach. Réalta do-mheasta na spéarach: nách féidir tuairm áirimh do thabhairt ortha.

do-mhian: *f.3.* droichmhian; fonn urchóideach; guidhe olc, toil olc. Déanfad faoisdin ghlan ar mo dho-mhiantaibh: smaointe peacamhla mo chroidhe. Cad tá buaidhte agam lé do-mhian d’aonne: ní thairbhigheann dom: drochaigne. Cuir uait do-mhian slada do chómharsan: fonn díoghbhála. B’é a do-mhian dom me do dhul go holc: an guidhe a bhí ’n-a smaointibh. Daoine do-mhiana an dream gur fearr leó do dhíth ’ná do bhail: toil olc.

domhnach: *f.1.* (*iol.* –nuighthe, domhantaidhe, domhanaighe, domhaintidhe) an seachtmhadh lá den seachtmhain. Rí an Domhnaigh: an Tighearna Dia. Muinntir an Domhnaigh: iad súd a dheineas faillighe ina gcúram a’s bhíos ag gabháil de an lá san nó a gheallas go ndíolfaidís ar an nDomhnach .i. go mbíonn eaga a ndóthain aca dar leó. “Dein anois é” – “dhe, fágaimís go Domhnach é!”: leigtear do. “Tiocfaidh sé Dé Domhnaigh” – “ní thiocfaidh, mhuis”. Domhnach na dálach: aon lá in ao’chor. “An bhfanfair?” – “fanfad i ndomhnach féin”: gan aon dearmad. “Seadh i ndomhnach” (lé sástacht): féach air sin anois. “An bhfuil a fhios agat cathain dhéanfaidh sé é? Domhnach Chrom Dubh pé lá thagann sé: choidhche (dréir mar tá deallramh air). Gabhtha ’n-a chulaith (chuid éadaigh) Dhomhnaigh (is lae shaoire): an gléas is fearr aige. Ní fear Satharn ná Domhnach é: aon lá dá shaoghal. “Sin lom(a)bhróga maithe ort” – “dhe, bainfead Domhnaighe asta”: mairfid tamall.

dómhnaillín: *f.4.* duine síorach, suarach. Seachain uaim, a Dhómhnaillín, níl lán glaice ionat: a ruidín shuaraigh. Dómhnaillín an chlúimh: péistín fada, clúmhach iolchosach. Nách é dómhnaillín an chlúimh ag cur de é: mall, duaibhseamhail.

domhnall: ainm fir (bhuachalla). Domhnall dubh: an fiach dubh: bran.

do-mhuightheach: *a.* gan mhotháilt, gan bhraithstint. Dá mbeifí ag gabháil le hórd ar a phlaosc is mara chéile é, tá sé do-mhuightheach lé cloich: gan motháilt na tuargana. Do-mhuightheach ar fhuacht a's ar bháistigh gen gcasóig mhóir: gan beann ortha. Chuir an dochtúir snáthaid tríd agus nách do-mhuightheach an duine é nár leig sé scread ná béic: fuilngtheach ar phian.

do-mhúchta: *a.* nách féidir do mhúchadh, do chur ar gcúl (as), fé scáth. Tháinig tart do-mhúchta air leis an gcraos deamhan: budh mhara chéile deoch aige nó uaidh. "Spirid dho-mhúchta na saoirse", arsa Cáirdinéal na Pólainne, "buaidhfidh sí fós": do-chlaoidhte. Leanfaidh teinteacha do-mhúchta pléascáin an luingis aoir: teinteacha a dhóghfaidh gan chosc. Thug an t-iasc an oidhche (go) do-mhúchta i mbarr uisce: gan dul fé uisce.

do-mhúineadh: *f.* (*-nte*) drochthabhartha suas; teagasc nách maith. Ar scoil an do-mhúinte do cuireadh é agus a rian air, is é tá dall, dorcha: an droichtheagaisc: mar a mbíodh an fhoghluim dhá dhéanamh go haindeis. Clann an do-mhúinte is furaiste a n-aithint: iad so a hoiltear go holc bíd olc. Do-mhúineadh atá ag teacht leat, ná fuilir tástálta ar chéad scoil maith: aiste nách féidir léigheann do chur id cheann.

do-mhúinte: *a.* míbhéasach, oilte go holc; nách féidir oileamhaint nó teagasc do thabhairt do. "Tá an lá glas", ars an fear, "ní fheadar cad é an dath atá air", arsa fear ghá fhreagairt go do-mhúinte, "ach tá sé fuar": gan béasaibh. Cómhartha do-mhúinte ar aon fhásógach gan bheith umhal don seanóir: do-oilte: nár múineadh go béasach é. Léan id cheann cipín, calcuighthe, dúr! táir chómh do-mhúinte lé cráin mhuice: chómh deacair rud do chur it inchinn agus a chongbháil ann.

dona: *a.* olc, truaillighthe, aindeis, dearóil, truaighmhéileach; mío-ádh. "Dona t'fhiafruighthe ort" (lé leamhas): narar fearrde thú ceistiúchán. "An bhfuil clann óg 'nbhur dtigh?" – "is cuma dhuit-se sin!" - "dona t'fhiafruighthe ort!" deir duine a bhíos ag éisteacht (lé leamhas agus seanbhlas). "Bhéarfad-sa ór a's airgead duit lá éigin"- "mo dhona, lá éigin!": fairír ní choidhche é. Leis na bliadhantaibh, tá sé 'n-a dhonán dona: aindeis gan lúth cos ná lámh (puinn). Beidh ruathar ar ghallaibh, a's ní dona liom-sa san: ní brón liom a dtoisc. "Tabhair dom gal (tobac)" – "is dona liom me féin dhá cheal": is misde liom: is fearr liom a chongbháil dom féin. "Is seirbhe 'ná an searbhán searbh an duine dona ag déanamh ceóil": an duine mío-ádhmharach, gan mheas air. Is dona a dheinis é, an gluaisteán san do leigeant uait a's do mharcaidheacht: go neamhthapaidh. Ruathair dhona atá na hairm ag tabhairt ar a chéile – fós: ionnsaidhthe gan fuinneamh 'e bhreis ar mar bheidh. Idir dhona agus shona cuirfear cáin ar na daoinibh: ar chách uile. Ní áirighim aon fheabhas gnótha air, ag dul i ndona dho, dar liom-sa: in olcas. "Connus tá margadh an airgid?" – "dona amach": an-olc ar fad, ar fad. Ar dhona an lae ní chorróchadh sé, ná níor thugtha dho: ar olcas: míothaithneamh. Ar a dhona atá luach torthaidhe ní mhairfidh feirmeóiridhe bochta ach go háirighthe: a luighead airgid ortha.

donacht: *f.3.* olcas, mío-ádhmhaireacht; aiste nó dóigh olc; suaraidheacht; dearóile. Donacht an tsaoghail ná fuilim go maith as: olcas: a dheacracht slighe bheatha do shaothrughadh. Corruighe ní fhéadfá lé donacht na síne: olcas. Donacht an ime ná féadfá é do bhlas. Mara mbeadh donacht bheith ag díol as bheadh gach sprionnlóir ar meisce: a

olcas leo: neamhfhonn cráidhte. An diabhal féin atá le donacht air nó is fearr ’ná bheith ’n-a éaghmais: is beag an mhaith nó, etc. Dá dhonacht é Donnchadh gheóbhfí Donnchadh is dona ’ná é: dá olcas rud bíonn rud is measa ’ná é. Donacht a cuid airgid atá ag teacht leis an bhFrainnc lé fada: an acfuinn olc cheannuighthe atá ann. Tá Éire imthighthe chun donachta: ar gcúl, chun an phota, chun mío-ádhmhaireachta.

donadas: *f.1.* olc, olcas, mío-ádh, aindeise, truailligheacht. “Dhá scaipeadh dlighe na Rúise ar fuaid na hEóraipe budh dhonadas dár gcreideamh é”: olc: urchóid. Lé déidheannaighe brathaim donadas éigin ag teacht ar mo shláinte, níl an éascaidheacht ná an mhire chéadna ionam: meath. Nuair chonnaic sé donadas na ndaoine, na drochbhotháin cómhnaidhthe, an biadh dearóil a’s an tromchíos do ghoil sé anuas dá shúilibh: déine, bochtanacht, ocras agus aindeis: beatha agus saoghal callóideach.

donaidhe: *a. n-dh.* truaillighthe, aindeis, mío-fhóghanta. Is mar sin atáim go donaidhe ná aonne eile bheadh ar mo nós gan corruighe amach lé bliadhain: gan bheith ar fóghnamh sláinte. Olc, maith ná donaidhe ní bhfuaireas amharc air: ar aon chuma in ao’chor. Scéal donaidhe ge fear é ná féadfadh sé gal tobac do cheannach do féin tréis a sheachtmhaine: aindeis. Thugais cuma dhonaidhe ar an leabhar léd mhéireanntaibh salacha: mísciamhach. Is donaidhe ar shodar ná ar cosanáirde an capall céadna: is cruaidhe do thagann air.

donaidheacht: *b.3.* olcas, mío-ádhmhaireacht, aindeise, dearóileacht. Cáineadh go mór lé donaidheacht a chuid earraidhe nár bh’fhiú do cheannach: olcas. Bíonn air dul ’on Eilbhéis gach geimhreadh le donaidheacht a shláinte: aindeise: olcas. Donaidheacht éigin a tháinig ar an dtéid láidir gur bhris sí a’s gur teilgeadh na céadta troigh lé faill a raibh ceangailte uirthe!: mío-ádhmhaireacht: meath gan choinne leis. Tá donaidheacht éigin ar an inneall san go stadann sé a’s gur deacair a chur ar siubhal: drochrud éigin os a chionn.

donaire: *f.4.* duine gan mhaith: aindeiseóir (gen saoghal). Donaire scríobhnóra seadh é, caitheadh sé uaidh an peann san a’s tugadh do chlistire í: útamálaidhe: duine gan líomhthacht. Léan dingthe air féin a’s ar a chuid airgid, an donaire, ná h-iarr feóirling air: sprionnlóir gortach. Ní bhuadhfad, mhuis, ní dhéanfainn choidhche, im dhonaire atáim riamh: duine neamhéirightheach.

donaireacht: *b.3.* truaghántacht, aindeise, diblidheacht. Aos maith anois agam, ag dul i ndonaireacht gach aon lá eile: aindeise: tréigean. Ar mh’anam féin féin nách lé n-a dhonaireacht in ao’chor ná deineann sé obair ach le n-a leisce: olcas le haos. Ó Luan go Satharn ní bhíonn ’n-a bhéal ach an donaireacht: aindeise chruaidh an tsaoghail seo: cásamh.

donaisín: *f.4.* rud (duine) beag truaillighthe; báisín; síobhradh; meathán. Goirtigheadh ’n-a n-óige gach leanbh aca san a’s tá ’n-a dhonaisín ó shoin, ceasnaidhe éigin chnámh ar gach nduine aca: leanbh lagbhrigheach. Súil thinn indiugh, cos thinn ambáireach, ’n-a dhonaisín choidhche: laige nó máchail éigin in aghaidh an lae. A dhonaisín bhoicht, leadhbadh an madra do choisín duit: ruidín leóchaileach. ’n-a dhonaisín bheag sa chúinne chonnac seanduine críon: mar bheadh síobhradh. Donaisínidhe crann ubhall nár fhás puinn riamh ortha: crainn a mheath.

donán: *f.1.* éiscín beag cróndearg a gheibhtear i logaibh ar an dtráigh, seanduine gan lúth; aonne ná bíonn líomhtha as a chnámhaibh. “Nách mion an t-iasc atá agat” – “donáin ar fad”: éisceanna beaga, suaracha. Is fada é ’n-a dhonán ge crampaidhibh ’n-a ghéagaibh: “partán”: truaillighthe, casta ar a chéile gan lúth. An donán d’athair atá agat is fearr leat gach rud do dhéanamh duit, budh cheart náire bheith ort: athair a bheadh casta ar a chéile ge h-obair chruaidh. Fasan! a dhonán caith chugham an tuireasc san, teasbáinfead-sa dhuit connus adhmad do ghearradh: duine ná beadh líomhthacht earraidheachta tuireasca ann. Na donáin aosta d’oibreóchaidís an talamh san le n-a fhusacht: daoine dearóile.

donas: *f.1.* mío-ádh, olcas, olc; callóid; iomard; míshéan; drochrath; míobhail. Clúduigh an chneadh san nó déanfaidh an salachar ’san fuacht an donas uirthe: raghaidh sí chun oilcis: beidh sí níos measa dá ndeascaibh. “Bogfad mo Dhia mar tá an donas lé righne air!” ars an tseanbhean cómhshóidh a fuair arán ón ministir mar chomaoin: an-righin. Mara mbeadh an donas bheith ar an saoghal, níor ghábhadh dhómh-sa bheith ag lorg aonnidh ar aonne: mío-ádh an tsaoghail do bheith orm go trom. Cuirimís an donas chun déidheannaighe a’s ná déinimís annlan le haon rud: má thagann an mío-ádh tagadh sé, ach ná bímís mar bheadh a’s go raibh orainn ar an láthair. Lé donas a íosfainn an fheóil domblasta san: dá gcuirtí chuige me go mór: má b’fhuláir dom é go dian. Chun an donais ataoi ag dul: pé atharrughadh atá ort is ar olcas é. Sin é mo chuid airgid imthighthe uaim farra an donais: méaduigheann san iomláine mo mhío-áidh. Tá an donas anuas ar an bhfear san chun geall: ní fhéadfadh sé fanacht ón ndroichchleachtadh san. Is é donas an chúrsa gan aon uisce ar bórd againn: an chuid is measa dhe. Donas an bhídh is mó ghoillfidh ar an Almáin i rith an chogaidh: a dheacracht a sholáthar. Donas na leapan nár thuit néall orm: locht éigin uirthe a ghoill orm. Dá mbéarfadh an donas an saoghal leis, mhuis, ní bhrisfidh sé mo spirid-se: dá chruadhacht a bhéarfaidh an bheatha orm. Lucht an donais: daoine easbhaidhtheacha.

donasach: *a.* mío-ádhach, aindeis; olc. Is é fear budh dhonasaighe clódh dá bhfeaca riamh é, tréis a sheachtmhaine gan biadh gan teine: budh mheasa. Níl aon bhaoghal ná go bhfuil an Phólainn go donasach tréis ar ghaibh sí tríd i rith a bhuadhartha: go haindeis: claoidhte. Cómhairligheann an eaglais dúinn gan leabhartha donasacha do léigheamh: olca.

do-nighthe: *a.* deacair nó nách féidir do nighe nó do ghlanadh. Peacaidhe do-nighthe m’anama, a Thighearna, fóir me ortha: peacaidhe mór-ualaigh. Fear agus ceannaghtha smeartha air, do-nighthe go maith: dorcha-chroicinn. Do-nighthe éadach i sáile lé galbhanaigh: ní féidir an salachar do bhaint as.

donn: *a.* cróndhubh, “iasachta”, ar dhath rud dóighte, ‘teadhbhuidhe a’s dhearg’. An donn duine chídhim-se annso: aonne dom eolas nó nách eól dom. An donn troigh liom do chorróchad as so: bogadh ná sáthadh ní bainfear asam. Bheadh sé ar an nduine ndonn déidheannach go gcuirfinn fé n-a thuairm é: go deimhnightheach. Mo thruagh sinn, peacaigh, an lá donn déidheannach: lá ár mbáis. Go donn díreach, dar ndóigh, b’shin é do dhéanfainn: fé mar deirir agus mar shásóchadh me. Pingin dhonn níl aige: faic.

donnaim: (**donnuighim**) *b.a. 7 n-a.* déinim nó iontrálaim donn; dí-dhathuighim. Dhonnuighis ó tháinighis annso, d'athruigh an tuath ar fheabhas tu: tháinig dath donn, sláinteamhail ort. Donnann an t-arán le teas na teine: feódhann, cruadhann agus ruadhann an sceó. Donnóchaidh an falla mara gcoimeádtar aol fé: atharróchaidh a dhath idir ruadh is dearg.

donnchadh: ainm duine. Donnchadh an chaipín: an caislín aitinn. Donnchadh ruadh: an sionnach. "Donnchadh na súl mór": saghas éisc go mbíonn bolgshúilghe aige. "Donnchadh na súl mór", ná feicfeadh faic!: duine bolgshúileach go mbeadh rud os a choinne amach a's ná tógfadh aon cheann de. An raibh donnchadh leis ann?: duine ar beagshuim.

do-nuachar: *f.1.* céile (bean nó fear) gan mhaitheas. Maran tú an do-nuachar agam!: duine nách bail ná maitheas duit. Is í a fuair an do-nuachar fir: céile gan mhaith. Nára do-nuachar mná dhuit: bainchéile mhaith go mbuailidh id threó. Gura do-nuachair di: droichfhear céile go bhfaghaidh sí. (*codarsna* so-nuachar).

donuighim: *b.a. 7 n-a.* goirtighim, máchailighim, cuirim dá threóir. Cad dhonuigh thu ná féadfá cos ná lámh do chorruighe?: ghoirtigh. Cuireadh long chogaidh ar thóin puill agus donuigheadh ceann eile gur imthigh an fás-chreatlach di: máchailigheadh: deineadh an méid sin díoghbhála dhi. Is mór mar dhonuigheas ná bíonn aon fhonn bóthair ná aistir orm anois: chuadhas in olcas. Do dhonuigh rud éigin a theanga indiugh, bhí súil lé hóráid iongtach uaidh a's ní mór gur bhog sé a bhéal: do chuir ar gcúl a feabhas. Donuigheann an saoghal mór leis an aois: téigheann chun deireadh. Dhonuigh an t-iascach a's dhonuigh gach aon nidh ortha: chuadar chun deireadh i luach nó in iomadamhlacht.

donuighthe: *p.a.* goirtighthe; curtha dá threóir; máchailighthe. An té donuighthe agat lé hiomad bainne do chur air: curtha in olcas. Dá fhaid a bhí an fheóil sa tsáile ní raibh sí donuighthe ar fad, ní raibh ach an sceó amuigh cabhruighthe dhi: dulta in olcas. Dá n-éistightheá-sa do bhéal, a's gan me do bhréagnughadh, ní bheadh an scéal chómh donuighthe agam: déanta níos measa.

do-phioctha: (**do-phriocuighthe**) *a.r.* deacair do chnuasach nó do thoghadh. Tá an oiread san deighimirtheóiridhe againn nách mór ná gur do-phioctha dhúinn fuireann asta: deacracht rogha do thoghadh. An-dho-phioctha atá airgead sa tsaoghal chruaidh seo: dian lé bailiughadh trí sholáthar: dosholáthair.

do-phlannduighthe: *a.r.* deacair planndaidhe nó crainn do chur a's d'fhás ann. Talamh ró-scéirdeamhail do-phlannduighthe ar bhruach mara é seo chun crann do bheith ann: áit gur deacair le bleibínidhe phréamhughadh ann.

do-phlánuighthe: *a.r.* deacair an plána do chur air. An cos adhmad dualach a bhíodh mar phlannc ar áthraighibh seóil bhíodh sé do-phlánuighthe: deacair an locar nó an plána do chimilt do chun a shlíobtha a's a shlíogtha.

do-pholluighthe: (**do-phollta**) *a.r.* nách féidir nó is deacair do pholladh (tholladh). An dúnfhalla atá tógtha gen bhFrainnc in aghaidh na Gearmáine deir ughdair go bhfuil sé do-pholluighthe: nách féidir briseadh thríd lé n-a dhaingneacht. Chómh do-pholluighthe le hinneóin cheárdchan: dlúmhach, daingean, docht.

do-ranna: *a.* deacair lé roinnt, contrárdha i meón; deacair réidhteach le; constrabhálta. Duine do-ranna dob eadh é ná geóbhadh aonne 'ar bhóthar ná ar chosán' leis: do-shásta. Ceannuightheóir do-ranna ná féadfá margadh do dhéanamh leis: dian: do-shásta dá fheabhas buige bheifí leis. Clann dho-ranna a imthigh lé n-a dtoil féin: nár bh'féidir smacht do chur ortha. Airgead do-ranna seadh airgead Shasana bhreis ar airgead Mhearaice: deacair d'áireamh: callóideach. Ná bí do-ranna liom: bí géilleamhail dom.

doras: *f.1.* slighe nó áth nó colbha i dtigh nó i seómra; "béal", "oscailt". Cneadh go bhfuil othar innte agus dóirse uirthe: béaltacha: bristidhe: oscailtidhe. Tugadh an doras do nuair ná ceapfadh sé a shuaimhneas, agus 'taobh na súgán' den dtigh: ruagadh amach é agus coimeádadh amuigh é. Cómhursa béil dorais: duine 'n-a chómhnaidhe i ngiorracht duit (sa doras is giorra dhuit). Dá mbeadh ciall ghaoithe agat ní thiocfá i ndoras na síne: an doras leis an sín. An doras iadhta: an doras is gnáthach do bheith dúnta seachas an doras is lugha gaoth 'sis iomdha solais a's earraidheachta. Doras na sráide .i. ar ucht an tighe. Níor deineadh aon doras ar an obair fós: níor tosnuigheadh. "Táir teanntuighthe anois" – "nílim, tá doras i nganfhios fós agam": slighe éaluighthe. Tá an Nodlaig ar dhoras againn: buailte linn. Lucht fiach ar an ndoras gach lá agam: daoine ag éileamh a gcoda go dian. Doras an fheasa fiafruighe: as lorgaireacht do thagann eólas. Bíodh an doras agat, a fheilebhitheamhnaigh!: scrios!: bí amuigh agus ná féach id dhiaidh! "Dún an doras", "múch an solas" aca .i. daoine doichilleacha roim thaistealaidhthe oidhche. Fuaireas an tigh a's a dhóirse béal anáirde: deargoscailte a's gan aire nó fáilte roim an uile dhuine a ghaibheas an treo. Tigh 'sa dhóirse dubha: daingnighthe, tréigthe nó tigh brónach. Cuirfí an dlighe ar lucht tighe peictiúiridhe gan doras éaluighthe bheith ann: slighe fágtha lé ganntar. "Is giorra cabhair Dé 'ná an doras" (seanfhocal): dá ghiorracht ó bhaile an doras bíonn Dia lé n-a chóngamh i bhfíor-bhfogus dúinn do shíor. "Is mise doras na gcaorach" (Eón X. 7). Níor chuir sé duine riamh ó n-a dhoras: níor eitigh sé aonne ar aonnidh a bheadh aige. "Is dána gach madra i mbéal a dhorais féin" (seanfhocal): ag baile. 'Dóirse dúnta orm', sin a bhfuaireas: an t-eiteach: éimeadh: cúl láimhe, druim láimhe. Is folláin do Shasana a's don bhFrainnc doras na mara (trádála) do bheith aca ar an nGearmáin: iad do bheith ar dheis an bhealaigh. Comhla an dorais: an fonnadh adhmaid (no eile) a iadhas colbha an tighe. Níl aon doras ar a chroidhe: duine fial, fáilteach: tabharthach.

dorcha: *a.* doiléir, dubh, duairc, ciar, foluighthe, rúnda; neamhchainnteach, ciúin, do-chonbharsáideach; caoch, dall. Oidhche dhorcha dhuibhréigh gur dheacair an doras do mheabhrughadh: gan a chion solais nó léargais. Cúrsa dorcha ar cheannurraidh shlóighte na Frainnce an nidh atá ag Hitlear ar aigne: dall: deacair do nochtadh. Léan air mar thigh, tá sé i bpoll dorcha: gan solas na gréine. Is dorcha an aigne atá aige, dá fhaid 'n-a chómhnaidhe sa cheanntar é, ní bhíonn fios a chúraim ag neach: iadhta: foluighthe. Daoine dorcha nách mór den gcainnt do gheóbhfá uatha: gur deacair coimhtheas do chur ortha: go raghadh fios a rúin ded dhícheall. Is maith dorcha is gábhadh bearta cogaidh do

chongbháil ón namhaid: rúnda. Ar dtúis bhí sé an-dhorcha gan puinn cainnte as ná cuma gur thaithnigh leis, go dtí go ndeaghaidh sé i dtaithighe na cuideachtan: culbhánta. Á, sin í an cheist chruaidh – d'fhág Dia sinn dorcha ar an síorraidheacht: dall: gan eólas. Solas ró-dhorcha ní dhéanfad an bheart choidhche leis ar dhrochbhóthar: gan léargas: múchta. Lé déidheannaighe tá an saoghal ag teacht an-dhorcha orm, gan faic dhá thuilleamh agam a's mórchuid muirearachta orm: an-dhian: deacair cad is fios dom do dhéanamh chun a fheabhasuighthe. Nílid dubh ar fad ar a gcroiceann, ach dorcha: duibheacht 'n-a ndath. An saoghal dorcha nách feas dúinn ón uair go dtín nóimint cad thárlóchaidh dúinn: doimhin, dothuigthe.

dorc: *f.1.* duine gan teacht aniar ann; go "mbíonn muc ar gach malainn leis"; neamhchonbharsáideach, neamhchainnteach. Ó, mhuiric na ngras! bhí sé suidhte 'n-a oifig 'n-a dhorc agus é go neamhthaiseach ag glacadh an chíosa ó dhaoinibh bochta: dúr, míothruaighmhéileach.

dorcán: *f.1.* tarbh bliadhna; ainmhidhe nó duine teann, daingean, láidir. Dorcán go bhfuil neart agus fulang ann gur ghearr an mhoill air speal oibre do dhéanamh: talmhaidhe, teann. Dorcán leinbh, adhbhar fir mhaith: déanta go talamhaidhe.

dorchuighim: (**doirchighim**) *b.a. 7 n-a.* tugaim dath dubh ar, múchaim, cuirim as amharc, téighim as amharc, téighim i nduibheacht. An-mhall ar fad do bhíomair agus dá fheabhas deabhadh do dheineamair chun an oileáin bheith fágtha leis an lá againn do dhoirchigh agus do dhéidheannuigh orainn ann: tháinig an oidhche. Doircheóchad an solas beagán, chun ná beadh sé chómh soiléir a's go bhfeicfí i bhfad ó bhaile é: luigheadochad a neart. Doirchigh t'aghaidh a's ní aithneóchaidh aonne cé bheidh aige: dathuigh ar dhuibheacht í: foiligh na cómharaidhthe go n-aithneófí thú ortha. Nára dhoirchighidh Dia an saoghal orainn ná ar Chríostaidhthibh bochta an domhain, mar ní beag dúinn ár ndaille: nára dhallaidh: nára thromuighidh. Má sé seo déanamh a gheóbhad – eiteach – ní dhoircheóchad do dhoras go bráth airís: ní thiocfad ag triall ort lé haon chúram. An lá dhoirchigheann na súile ag duine tá an lá is fearr feiscighthe aige: a théigheas an radharc chun laige nó go n-imthigheann ar fad. Doirchigh thu féin in áit éigin, táthar chughat!: téighir i bhfolach: clúduigh thu féin. Doircheófar Cathair Átha Cliath lé hórdughadh riaghaltais: coiscfear an solas ar bheith lé feicsint lasmuigh. "Doircheóchad an talamh sa ló glan" (Amos VIII. 9): an solas do bhaint den ngréin. "Cé so dhoircheóchas cómhairle lé briathraibh gan eólas" (Job XXXVIII. 2): a chur as tuigsint. Mairg an té go ndoirchigheann a mhuinghin a ghéar-chúis: a chur amugha: í do dhalladh. Fág as mo sholas, ná doirchigh orm: ná coisc an solas orm.

dorchughadh: (**doirchiughadh**) (*-uighthe*) *f.* do dhéanamh dorcha, do dhalladh, do mhúchadh, do chur ar ceal. Tiocfaidh drochaimsir as an ndorchughadh san thiar: an spéir bheith 'n-a dlúimh throm, dhoilbh. Bíonn dorchughadh ann ar a sé anois: tuiteam oidhche. Déanfaidh an dorchughadh ciotaighe mhór do dhaoinibh i gcatharachaibh: cosc na soillse. Lé dorchughadh oidhche b'éigean dúinn scur: an dubhar do bheith ag tuiteam. Ag dorchughadh orm atá, níl léas mheabhrach ag fanacht agam leis an gcruaidhcheist seo: ag dul i ndaille: deacracht m'fhuascalta. B'fhearr leis an bhodhaire ná an dorchughadh, aon rud dar leis roim easbhaidh an tsolais, an chéad rud do bhronn Dia ar

an dtalamh: daille. Tá an t-oileán ag dorchughadh orm, ní fuláir nó táimíd ag druideam uaidh: ag múchadh, ag feódhadh as radharc. Tiocfaidh dorchughadh na gealaighe ar a trí: cailleamhaint a solais dúinn.

dorchuighthe: (**doirchighthe**) *a.r.* dubharuighthe, múchta, "báidhte". Beidh an ghrian dorchuighthe ar feadh tamaill bhig: beidh sí a cheal a solais. I seómra dorchuighthe nár mhór na peictiúiridhe do réaladh: go mbeadh an solas coiscighthe air. "An fhaid ná beidh an ghrian ná an solas ná an ghealach ná na réalta doirchighthe nó ná fillid na néalta tréis fhearthainne" (Eccl. XII. 2): go mbeid ar gainne solais.

dórd: *f.1.* glór no fuaim dhoimhin, chómhnaidhtheach. Ag éisteacht le dórd na mara mhairfinn mo shaoghal amuigh ar Cheann Sraithe, músclann a fhuaim smaointe uaigneacha im chroidhe: a gnáthghlór siansánach. Ná cuireann dórd na mbeach ag obair ag machtnamh thu lé n-a cheól: glór siansánach: crónán íseal, síor. Ar chlos dórd na long aoir fógarthar rabhadh chun dulta i bhfothain chosanta: siansán a n-inneall. "Annsan dubhairt Diarmuid Ó Duibhne gur bh'é ceól do chualadar an dórd fhiann, agus gur gheairrid do chabhair iad" (seanscéal): cantain dhraoidheachta chun misnighthe nó bailighthe shlóighte na féinne.

dórdán: *f.1.* crónán; siansán, monabar. Cad tá ar dhórdán na habhann anocht?: cad fháistnigheann an fhuaim chómhnaidhtheach neamhghnáth atá aice. Moladh a's buidheachas lé Dia an dórdán gan stad do bhíonn ag an muir: an fhuaim dhiamhair. Cloisfear dórdán na ngunnaidhe sa bhFrainnc: béiceach.

do-réidh: *a.* crosta, casta, achrannach. Ceisteanna do-réidhe ná freagróchadh máighistir scoile dhuit do chur ar thuata: ceisteanna deacra. Níl bealach ná cuan tímcheall Shasana ná gur do-réidh maraidheacht do dhéanamh ionta ge pleascáin mhara: dian ar an inntleacht. Bóthar do-réidh lom díreach i gcoinnibh an chnuic: deacair lé taisteal. Bíonn dlighthe Dé do-réidh go minic: deacair ciall a's tuigsint d'fhagháil leó. Cúis dho-réidh lé socrughadh dob eadh í mar bhí fínéacht an dá thaoibh ag bréagnughadh a chéile: crosta: achrannach.

do-réidhtighthe: *a.r.* deacair nó nách féidir do shocrughadh, d'fhuascailt ó achrann; neamh-mbáidheamhail. Ar bheith d'iarraidh a choda féin do bheith aige budh dheacair d'aonne bheith do-réidhtighthe leis: eascáirdeach: in earrad: in easaonta. Thug sé an tuagh den gcábla do-réidhtighthe: ná rithfeadh a fhaid. "An bharatá", ná fuairtheas tásc ná tuairisc ná tamhas uirthe leis na ciantaibh fanfaidh do-réidhtighthe go deó na ndeór: gan a nochtadh choidhche.

do-riaghaluighthe: *a.r.* nách féidir nó gur deacair do choimeád fé smacht nó a chur ortha bheith óigréir dos na dlighthibh. B'é port Shasana riamh gur aicme do-riaghaluighthe Éireannaigh, a's níor bh'fhada ón gceart í maidir le n-a riar míothaithneamhach san: aicme ná glacfadh go réidh lé dlighthibh. Aon mhian do-riaghaluighthe amháin atá aige, a's b'é an truagh san é, an dúil san ól, ná féadann a thréigean: nách féidir a smachtughadh.

do-riartha: *a.r.* mós deacair do choimeád fé smacht, do chongbháil in ionad a's in órd; do-shásta. Connus eile bheadh an teaghlach ach go do-riartha nuair tá gach aonne a's a órdughadh féin aige a's gan neach i mbun géillte!: do-bhainistighthe: nách féidir a rith 'n-a cheart. Saighdiúiridhe do-riartha a chaith uatha a n-airm a's rith!: gan smacht. Ag bórd ní fhéadfadh beirt budh dho-riartha suidhe, ní thabharfadh mainistir biadh dóibh: deacair a shásamh. Fág fúm-sa é féin 'sa chuid feirge, níl san chómh do-riartha ach teacht chuige i slighe oireamhnach: doichiúnuighthe: doicheannsuighthe.

do-riarthacht: *b.3.* nách féidir nó deacair do riar, d'oibriughadh, do smachtughadh, ceart do bhaint de. Ar bhfeicsint don ngéisire do-riarthacht na talmhan bhuail sé meas an-íseal air: deacracht oibrighthe. D'éirigh an t-oifigeach suas dos na saighdiúiridhibh lé n-a ndo-riarthacht, aon smacht ní bhfaghadh sé ortha dá mbriseadh Dia a chroidhe ann: deacracht stiúrtha. Lé do-riarthacht Chonáin tímcheall an bhídh chuireadh sé fearg ar an bhFéinn: do-shástacht. Cuireadh chun feirge an iomad é, go bhfuil an do-riarthacht gabhtha lastuas anois de: nách féidir a mhaolughadh.

dorn: *f.1.* (*iol.* dóirne) an crobh iadhta; buille leis an láimh iadhta; lán glaice. "Ní bhfaghann lámh iadhta ach dorn dúnta" (seanfhocal) .i. an té ná tugann uaidh is doichighde ná tabharfar do. "Is fearr lán duirn d'fhear ná lán gaid de mhnaoi" (seanfhocal) .i. dá luighead fear is fearr é 'ná dá mhéid bean chun gnóthaidhe áirighthe. Fuair sé dorn i bpoll na cluaise: buille dochraideach. Buachaill gan lán mo dhuirn ann .i. ag tagairt dá luighead. "An bhfuil airgead aige" – "dorn": ádhbhar. Oidhche scannruightheach sa trínsidhibh dob eadh í, piléir is pléascáin, a anam 'n-a dhorn ge gach saighdiúir i leith a's gach uair go raibh a mbás ann: i gconntabhairt an-mhór. Ag rith ag triall ar an ndochtúir a's a anam 'n-a dhorn aige: ar a chroidhe díchill. Chuadar ar na dóirnibh lé chéile: bhuaileadar a chéile. Ná téighir chuige siúd ag lorg aon nidh air gan an t-airgead id dhorn agat: oireamhnach, ullamh lé díol as an gcomairit a bheadh uait. Fear maith ar dhorn é: dóirneálaidhe maith. Sid é an saoghal go gcaithfidh gach aon nidh bheith id dhorn agat: géibhinneach: gan faic lé fagháil gan airgead síos. Ní bheifeá mar sin dá bhfaghthá léd dhóthain den solas é a's gan bheith ghá lorg anois féd dhóirnibh: ghá chuardach leis na lámhaibh gan bheith i ndán a fheicsint. Bhainfeadh sé an rud as do dhorn sainnteach: greamthach. Dorn de bhuachaill (chailín etc.) chruaidh, láidir seadh é: ailp fhuinnte. Fuaireas mo shaoghal im dhorn breith ar an dtraen: duadh, saothar ó dheabhadh mhór.

dórnáil: [**dornáil, dóirneáil**] *b.3.* do bhualadh nó do chómhrac lé dóirnibh; an gníomh nó an ealadha féin. Dá dhonacht na bréithre is measa an dórnáil .i. íde bhéil ní fiú faic seachas bruighean. Ródh na dórnála: an log 'n-a ndéintear í. Babhta dórnála: eaga: tamall go dhá ngreas, trí, ceathair, etc. Bain babhta dórnála as: tástáil é: bain iarracht as (ar dhóirnibh).

dórnálaidhe: [**dornálaidhe, dóirneálaidhe**] *f.4.* duine a chomhraicigheas lé n-a dhóirnibh. Ó Díomsaigh, bhí sé ar an ndórnálaidhe is fearr a léim isteach i gcródh dórnálaidhthe riamh.

dornán: *f.1.* lán beag duirn, oiread táth a's gheóbhfá id chrobh iadhta; bailiúchán beag. Rugas ar dhornán féir faille agus chonghaibh san gan tuiteam me. Dornán mine annso agus dornán annsúd fagháltas an bhacaigh: ádhbhairín a thógfadh duine 'n-a chrobh. Cuir dornán bláth sa chorn san: tailp: cnuasachán. Beidh dornán daoine ar an rinnce: scata nách mór a's nách beag. An duine a chaitheadh airgead 'n-a dhornánaibh: in iarrachtaidhibh maithe: mámanna beaga. Dornán caorach: beagán. Dornán duine: lúghracán.

dornasc: *f.1.* cuibhreach ar an righe; ceangal cruaidh, fáiscighthe. Cuirfead-sa in áit thu go mbeidh dornasc ort!: 'on phríosún. Bíonn dornaisc óir ar mhnáibh saidhbhre: órnáididhe dos na reaghthachaibh. Bhítí a dhéine sin ar na daoir bhochta go leigtí dos na dornascaibh gabháil isteach go cnámh aca: na cuibhrigh. An oiread san dornaisc gem mhnaoi orm ná leigfeadh sí dhom dul ar rás ná ar aonach: smacht daingean.

dornfhásc: *f.1.* ag brath roim dhuine fé n-a mhéireannaibh; ag meabhrughadh sa doircheacht. Sin é é, fan suidhte annsan, agus fág do ghnóth fé dhornfhásc na hoidhche, sé is fearr chuige leis (leamhas): a dhéanamh i ndoircheacht. Caitheas i bhfad ag dornfhásc ar thóin an bharaille sara bhfuaireas an rud a bhí uaim: cuardach a's útamáil fém dhóirnibh.

dornghail: *b.3.* bualadh nó cómhrac lé crobhannaibh iadhta. Cuir uait an dornghail: na geámaidhe a bhíos fútha i gcródh na dórnála: geámaidhe tafanta cómhraic.

dornóg: (**dúrnóg**) *b.2.* lán duirn, go mór mhór de dhlúimh chruaidh; na "lámha" a bhíos ar chrann speile. Rug sé ar dhornóig cloiche agus rúid tríd an bhfuinneóig í: cnapán toirteamhail. Drochbhóthar do ghluaisteán lán de dhornógaibh: clocha (bóthar) rómhóra.

do-rochtuighthe: *a.r.* do-shroichte, doi-dhéanta; nách féidir dul 'n-a ghiorracht nó a ghnóthughadh. Istigh 'n-a sheómra dho chómh do-rochtuighthe lé bainisteóir bainnc: dul chun cainnte leis ar iasacht airgid. Déineann an príochán coisdearg a nead i bhfaillteachaibh do-rochtuighthe mara gan téid: do-shroichte trí strapadóireacht. Bíonn an Tiaracht do-rochtuighthe ar feadh i bhfad, go minic, sa gheimhreadh lé droichshín: ní féidir caladhthóireacht do dhéanamh innte. Beart do-rochtuighthe dhómh-sa fiche púnt do chur as tóin chéile fé cheann seachtmhaine: gníomh atá tar mo riocht.

do-roinnte: *a.r.* nách féidir do mhionughadh nó coda do dhéanamh de. Chonnacthas dóibh go raibh slighe an bháid do-roinnte dhom, mar bhí a tómhas cheana innte gan duine do chaitheamh i bhfarraige: ná féadfadh aonne scaramhaint lé n-a chuid féin.

dorrán: *f.1.* ciapadh, clipeadh, cráidhteacht; fearg. Tabhair suaimhneas do, ná cuir a thuilleadh dorráin air nó déanfaidh sé cíp-róp: ná ciap a thuilleadh é. Chuirfeadh sé dorrán ar naomh lé haiteas a chuid cainnte: clipeadh: bhuaidhirfeadh sé aigne aonne chun feirge. Bí sochma, beir foidhneach air a's ná cuireadh díoghbhála suaracha dorrán ort: múscailt mianaigh.

dorránach: *a.* feargach, cráidhte, ciapuighthe, searbhasach, alpach, goirgeach. Cómhartha ceart an tormais bheith dorránach: an té go mbíonn cuma chráidhte air (de ghnáth) ní bhíonn fial ná flaitheamhail. Brúid dhorránach an tarbh fiadhain sin: cuma choimhtheach air. Corr-mhadraidhe dhorránacha ná leigfeadh duine ná daon i ngiorracht do dhoras: fonn beartha. D'éirigh cómhrádh grod, dorránach idir na tuinncéiridhibh: giorraisc. Beatha dhorránach beatha an fheirmeóra nuair bhíonn seifteanna síos: a chuireas míoshásamh na cré air: suathadh trí dhíombáidh.

dortach: *a.* scéidhteach d'fhaobhar (áruis etc.), silteach, tugtha do stealghail. Árus dortach é sin fén íle, ní chongbhóchaidh braon: máchail, scoilt. "Gaoth" éigin go mbíonn a chongbháil ag imtheacht tríd. Bó dhortach: bó go mbíonn a cuid bainne ag sileadh nó a bhíos tugtha don gcalán crúidhte do leagadh. Budh fhuildhortach an treibh iad: bruigheantach. Duine neamhmhion dortach go maith fé n-a chuid airgid: scaipightheach. B'fhearr dhuit gan bheith chómh focal-dhortach - budh lughaididhe do bhotún tú: mórchainnteach. Beidh barraidhe dortacha i dtír na hÉireann: barraidhe a bheas ag sileadh lé saidhbhreas tortha.

dortadh: *f.* (*-taithe*) sileadh; seadadh: "leigeant ó": crothadh. Beidh dortadh fola ann: fuil ann. Ag dortadh mo dheór le brón a himtheachta: ag gol go fuidheach. Dia ag dortadh a ghrás orainn moch, déidheannach (guidhe): ag tabhairt dhúinn. Á, mhuis, a ualaigh, tá dortadh alluis ionat: deacair a iomchar. Dortadh athchuinghe agus iarratas díoghrais mo chroidhe dhuit: le cion ort guidhim go dúthrachtach minic duit. Dortadh beag atá ag an loch: sraoth bheag fágtha. Mála puill a's an coirce ag dortadh as: ag éalughadh 'n-a ghráinne a's 'n-a ghráinne. Faigh a mhalairt de bhratach tá san ag dortadh: ag feódhadh. An sagart ag dortadh an uisce coisric ar an bpobal leis an sisiréad: crothadh.

dorugha: (**darugha**) [**doradha daradha**] *f.* (*iol.* –ththa, -uighthe, dairithe) córda caol, éadtrom de chnáib nó de chadás. Dorugha iascaigh – dorugha, dubhán, baoite, gatha, lusna (ón ndubhán go dorugha). Sín an dorugha leis (chun a dhírighthe mar thalamh lé riastáil, falla lé tógaint, etc.). Cuir na héadaighe treasna an dorugha ag triomughadh: córda i gcóir triomuighthe. Dairighthe Bhriain: fás fada mara i gclódh an dorugha iascaigh, crónbhuidhe, a shnámhas ar chiúnas i bhfáinnidhibh líomhtha canta, a chuirfeadh folt mná i gcuimhne.

dos: *f.1.* tor, tom, scoth, scairt (sceach etc.); díorma daingean fear. Áit gan dos gan dris: gan sceich, gan tor. Leis an mbreóidhtigh tháinig a chuid gruaige 'n-a dhosaibh: 'n-a ghlacaibh. "Cnoc na nDos", áit i gCorcaigh mar ar cuireadh cath trom. Chonnac dosanna breághtha fear ag gabháil tharm ag gluaiseacht i gcéim i rith na hoidhche a ngunnaidhe caithte feadh n-a nguailne: scataidhe.

dosaire: *f.* táthaire, teallaire, duine míbhéasach, giorraisc. Dá maireann is é an dosaire is mó a osclas a bhéal é: teallaire: duine tagarthach. An dosaire ná hinneósfadh dom cá raibh dochtúir lé fagháil agam: míbhéasach. Dosairidhe beaga sráide bailighthe tímcheall an gharsúin tuatha: buachaillidhe beaga tugtha do mhagadh a's do chleasaibh fonmhóideacha.

dosaireacht: *b.3.* táthaireacht, teallaireacht, drochmhúineadh. Dosaireacht atá agat bheith ag cainnt i mbréithribh ná tuigeann aonne ná tú féin: borrachas: éirghe anáirde. "Freagair me", ars an t-atúrnae leis an bhfíné, "agus staon den ndosaireacht, freagra díreach uait": táir: dánaidheacht. B'fhéidir go gcuirfinn-se do chuid dosaireachta in áit éigin eile as mo thigh féin: míomhúineadh.

doshamhluighthe: *a.r.* nách féidir do chur i gcomórtas nó i gcómhnáird; dochoimsighthe. "Ár n-arm doshamhluighthe", arsa Hitlear, "croithfidh sé cómhacht ár namhad": dochomórtais: dochlaoidhte. Á, sé beathuisce na hÉireann an deoch dhoshamhluighthe: an deoch ná fuil a cómh lé fagháil. Gileacht dhoshamhluighthe chubhráin na farraige fiadhaine: báine agus breághthacht datha a sháruigheas lé n-a dhath. Trócaire dhoshamhluighthe Dé go raibh lé fagháil agam: is tréine agus is maoithneachasaighe.

dosháruighthe: *a.r.* gan teóra; dochlaoidhte; dothuirsighthe. Ar léim tá sé dosháruighthe: níl neach a léimfeadh níos aoirde nó níos sia 'ná é. Alfraits cam, glic, dosháruighthe a bhuaileann an bob ar gach aonne a bhíonn i dtreis leis: nách féidir a theanntughadh. Gléas dosháruighthe cogaidh seadh an bád fé thuinn: gur deacair buadhachtaint uirthe. Dá mhéid cluicheadh agus teanntughadh do deineadh air, dá aindeóin bhí sé dosháruighthe ar a gceistiúchán: níor bh'fhéidir breith amuigh air. Diail dosháruighthe fir ná cuirfeadh Éire an ball air: nár bh'fhéidir teacht suas leis nó an lom d'fhagháil air. Ag obair ó dhubh go dubh go dosháruighthe: gan tuirsiughadh.

dosháruightheacht: *b.3.* ar dháil bheith saor ó ghreamughadh; dochlaoidhtheacht; dothuirse. Beidh rud aige siúd má bhíonn ag aonne cá ngeóbhaidh a dhosháruightheacht: dochlaoidhteacht: dúthracht cur chun cinn gan chuimse. Girrfhiadh bán i bhfíoríodh an chnuic nár baineadh cor riamh as lé n-a dhosháruightheacht: teip buadhachtaint i lúth air. Briste indiugh slán ambáireach lé n-a dhosháruightheacht: buaine saothair.

doshásta: *a.r.* deacair nó nách féidir do shásamh nó do cheannsughadh; suaidhte. Farraige dhoshásta ann nár bh'iontaobha: suaidhte, conntabharthach, ar "bhriseadh". Brathaim doshásta mo dhóthain indiugh: gan bheith ar fóghnamh ar fad. Dá fhaid bheifeá 'n-a chuideachtain ní bheifeá doshásta dhe, a inspéise a's tá sé: ní bheifeá cortha dá choimhdeas. Dá gcuirtheá ó bhais go bais é agus an cnoc úd thall do chur ar an gcnoc so abhfus do, duine do-shásta bheadh agat: ná beadh faic chun suaimhnis a aigne.

doscaoilte: *a.r.* nách féidir nó deacair a scaoileadh, a fhuascailt, a réidhteacht. Snaidhm doscaoilte nár bh'fhuláir an faobhar do thabhairt di: a raghadh ó fhuascailt. Meádhann an Eaglais Chaitliocaidhe an pósadh do bheith doscaoilte: nách ceaduightheach do lánamhain a scaradh agus pósadh airís. Cuireadh greim doscaoilte air i bpríosún Thráighlí ar feadh bliadhna: ní raibh aon loghadh lé fagháil ar an mbreith aige. Carraigeacha doscaoilte i muin mhairc a chéile: nár bh'fhéidir "hob" ná "héb" do bhaint asta.

doscaoilteacht: *b.3.* deacracht nó dodhéantas scaoilte, scartha nó mionuighthe. Éadach maith do-chaithte é sin, aithnighim ar dhoscaoilteacht an tsnáithín é: a deacracht a bhaint as a chéile. Doscaoilteacht greama an duine bháidhte agat ar an airgead: neamhfhusacht a

bhaint as do chrúcaidhibh. Ní ceal siúicre ar an ndúthaigh is bun leis an éirghe luacha ach a dhoscaoilteacht ameasc na gceannaidhthe: an greim atá aca air gan a leigeant uatha.

doscartha: *a.r.* dodheighilte; dobhainte. Fiacla doscartha 'n-a gcorrán, a fhiadhnaise ar na cloigeanaibh i ngach roilig: nár thuit lé galar: daingean. Cualathas ghá rádh iad sar ar ídigheadar iad féin go mbeidís doscartha i mbás mar bhíodar i mbeatha: i bhfochair a chéile gan deighilt ná cur ó chéile. Ar a dhoscartha atá cosa an asail gen gceangal déarfá ná déanfadh sé mórán bradaidheachta: deacracht a ndruidim ó chéile. Saoghaluigheadh iomard is saothar leis an bpeaca a's táid doscartha leis ó shoin: leanaid go dlúth é. Beirt doscartha: dlúthmhuinnteardha.

doscarthacht: *b.3.* dáil nó dóigh bheith dochurtha ó chéile. Doscarthacht na coise leis an dtuairgín atá eatartha san (d'aon gheannc adhmaid iad san araon): dlúth: síorleanamhnach. Doscarthacht ár gcómharsan-ne formad agus éad na dúthaighe: an síorleanamhnachas is an muinnteardhas.

doscrúduighthe: *a.r.* dochuarduighthe, diamhair, doiléirighthe. Fíné doscrúduighthe mise aca mar ná hosclóchad mo bhéal: nách féidir eolas do bhaint asam. A fhir an eólais, innis dom cad is doscrúduighthe 'ná an bás?: is deacra do mhionughadh a's do léiriughadh. Aois charraigeach Chinn Sraithe scéal doscrúduighthe dhom-sa, mar ná fuilim oilte go leór ar thlacht-eólas: dobhreithnighthe: doiléirighthe. Tá an Ógham Chraobh ar an ngalán chómh tréigthe sin go bhfuil sí an-dhoscrúduighthe: an-dheacair a dhéanamh amach cad iad na leitreacha atá air. Gan chabhair dhaoine chliste tá an scríbhinn diadha doscrúduighthe dhom: neamhshoiléir: dothuigthe orm. Slighthe doscrúduighthe Dé éirighimís asta, táid ródhoimhin, rófhorasta: gan é ar ár gcumas taighde ortha a's a dtuigsint 'sa míniughadh chun ár dtola.

dosheachanta: *a.r.* deacair nó nách féidir éalódh ó, fanacht nó coimeád ó. Rud dosheachanta an bás a gheóbhaidh chun gach aonne: nách féidir a éaradh. Bíonn an deoch dosheachanta ar an té go mbíonn sí fé n-a shróin gach lá: deacair fanacht uaithe. Ar nós mhórchoda eile fuair sé an t-urchar dosheachanta sa chath: gurbh é a dhán a bhualadh. Cómhluadar dosheachanta cómhluadar ban: is deacair fanacht as a gcoimhdeacht. Faill dhosheachanta, mar ná fuil claidhe ná fál ar a scéimh: gur deacair ainmhidhthe do chongbháil gan tuiteam léi. Tuitfidh mallacht dhosheachanta na mbocht air: ná fuil aon dul ar éalódh uaithe. A raibh de chómhacht fé neamh ní shaorfadh an gluaisteán ar an ngleann, cúrsa dosheachanta b'eadh é, nuair theip an gléas stiúrtha: b'é an gleann céadna a dán.

dosheachantacht: *b.3.* deacracht éaluighthe ó, fanacht nó coimeád ó. Is air atá an t-iomard, dosheachantacht tógála aonnidh go bhfaghann an lom air: ceal cómhachta congbháil uaidh. Dosheachantacht an pheaca gen nduine dearóil: a chlaontacht tuiteam ann. Dosheachantacht an éisc ar an ndubhán: an leagadh atá aige lé dul greamuighthe ann lé mealladh baoite.

dosheóladh: *f.* (*gein.* –lta) droichstiúradh; drochbhainistighe. Dosheóladh tháinig leis an luing, a's ní haon locht a bhí uirthe féin: stiúradh agus treóir olc. Dosheóladh an

mhonchra, tuarasdail mhóra, roilleach a's faillighe budh bhun lé n-a theip: dobhainistighe: gan an riar ceart do dhéanamh air. Dosheóladh na cuideachtan do thaithigh sé, imirt, ólachán, ragairne a thug an dimileigheadh air: an treóir olc ar dhubháilcidhibh. Dosheóladh a chómhairle: cómhairle má néir a threóróchaidh chun an donais thu.

doshínte: *a.* dosheartha, dothairricthe; crapuighthe; stalcuighthe. Ó! mo chnámha doshínte agus na dútaidhe atá ionta: nách féidir liom do shearadh. Géaga aosta doshínte: crapuighthe, gan líomhthacht. Bhí ár líonta doshínte, mar ná raibh gaoth ná taoide ann: ní scarfaidís amach a bhfaid féin. Tráth is doshínte an t-iarann nuair bhíonn sé fuar: doliucuighthe. Bídís go léir ar a ndícheall chuige i gcródh na himeartha bíonn sé doshínte: ní féidir a leagadh. Doshnighthe doshínte, rocach, scruigeach ní maith é do shnaithín, a bhan abhairseach: ná fuilngtheach ar a tharrac amach caol, fada. Anairt dhoshínte an seól san: cruaidh, ná luigheann lé gaoith nó teangbháil.

doshínteacht: *b.3.* dúire sínte, luighte; crapuightheacht. Lé doshínteacht an tseóil ní ghlacann sé an ghaoth: ceal a luighe go mín, líomhtha. A dhoshínteacht lé hobair ná fanfadh sé in adhmanas thar lá in aon áit: dochlaoidhteacht.

doshlánuighthe: *a.r.* doileighiste; doidheisighthe; doshaortha. Ná téighir in éadóchas, ní raibh riamh anam doshlánuighthe: nár bh'fhéidir a shaoradh. Cos dhoshlánuighthe a's b'éigean a teascadh gen bpréimh: ní gheóbhadh lé cneasughadh. Srón dhoshlánuighthe seadh anois í tréis a briste: doidheisighthe: briste, brúighte.

dosmachtuighthe: *a.r.* ceanndáine; dúr; dochorruighthe; doimhínighthe. Tréis bhur ngéirleanamhna agus ciapuightheachta bead chómh dosmachtuighthe a's bhíos riamh: doighéillte. Capall dosmachtuighthe láidir, cuthaigh: capall nár bh'fhéidir do choimeád fé riar, nó a bhriseadh. Long fé sheól gan stiúir bíonn dosmachtuighthe dothreóruighthe: ag imtheacht ar thrócaire na dtonn a's na gaoithe. Fear dosmachtuighthe ná geóbhadh lé cómhairle ná deaghsholaoid: do-riartha.

dosmuaintighthe: *a.r.* dothuigse, dulta den inntin, doluaidhte. Nách cuibhe machtnamh ar ghníomhartha dosmuaintighthe dhá dhéanamh i bprochlaisidhibh na cathrach: draosta: nár mhaith leat cuimhneamh ortha gan bac lé n-a luadh. Dosmuaintighthe an cúrsa liom-sa go scéidhfeadh sé air féin: téigheann dem thuigsint. Déanamh aon ruda chómh mífhearamhail, dosmuaintighthe liom-sa é: ní thiocfadh sé choidhche im aigne.

dosóg: *b.2.* stuaic, túrtóg, scoth. Shuidheamair tharainn ar dhosóig ghlais gan chómhrádh eadrainn, ag amharc na mara uaignighe: túrtóg bhog: cnapán talmhan. Rug bean aca ar dhosóig ar an mnaoi eile: ar stuaic cinn. Dosóg bheag i bhfoirm suidheacháin (suidhistín) seadh robhán.

dosholasta: *a.r.* ar chaochsholas, lagsholas; neamhghabhtha lé solas nó deargadh. Ag dornfhásc a fuaireas an doras amach sa tseómra dosholasta: ar fhíorbheagán solais. Lochrann dosholasta a bhí againn agus ag meabhraidheacht fé n-ár méireannaibh do bhíomair d'iarraidh na gcartaidhe d'imirt: múchta: dorcha: doiléir. Tigh dosholasta ná

faghfá poll ná póirse ann: ar díth a cheart solais. Móin dosholasta righin lé teine do ghlacadh.

dospíonta: *a.r.* dochaithte. Mara mbeadh meas dospíonta do bheith aige air féin ní phósfadh sé in aois a thrí fichid do: ná raibh a bhrigh caithte amach. Righin, fuilngtheach dospíonta gan dochma roim obair riamh aige: gur dheacair do chruadhtan rian d'fhágaint air. Tréis a bhabhta dornála bhí sé díreach chómh dospíonta a's bhí nuair thosnuigh: lán de bhrigh a's de neart.

dósata: *f.4.* duine gruamdha, neamhshubháilceach; "dúra dar". Bheadh cúram orm ceann cuinge do choimeád lé gach dósata a bhuailfeadh umam i siubhal an lae: búiste míbhéasach. Cuideachta dhóstaidhe iad san gan greann gan subháilceas sluagha: dúr, míothaithneamhach, dorcha. Dósata nár dhóighthín gabháil chun a tighe: duairceacán gan phreab.

dostaonuighthe: *a.r.* do-choiscthe; nách féidir do mhaolughadh. Fuil ag teacht go dostaonuighthe is cuma cad déanfí chun a stad: gan fóirthint. Ar an ritheadh seama a bhí fé cheap a raibh láithreach go raibh sé dostaonuighthe: nár b'fhéidir é do chor nó do chur 'n-a thost. Na dosanna acfuinneacha fear ag scuabadh rómpa go dostaonuighthe tríd an dtír: nár bh'fhéidir stad ná maolughadh gluaiste do dhéanamh ortha. Mianta dostaonuighthe an bhodaigh géirleanamhaint a's tromaidheacht na mbocht: gan srian. An mhuir bhraonach, dostaonuighthe ag teacht 'n-a dromannaibh uathbhásach ag briseadh a's ag réabadh: ná raibh rud a chúlfadh a fíoch.

dóthain: *b.3.* sáith, (go) leór leór; líonadh; sástacht; sásamh; diongmháil. Tá dóthain aon fhir de mhnaoi ionat, a stuaire: bean a dhiongmhála: sásamh. Stad! tá mo dhá dhóthain agam: oiread a's nách féidir liom d'iomchar nó d'fhulang lé sástacht. Is mithid dho ciall a dhóthain do bheith aige má dheineann aois do é: sáith: gan a luighead easbhaidh. Dóthain seachtmhaine de bhiadh: oiread agus dhéanfadh. Beidh do dhóthain mór aimsire agat gan fágaint go meádhon lae: gan baoghal do bheith déidheannach. Gheobhaidh sé a dhóthain díot sara mbí sé réidh leat: "ní bheidh aon teasbhach ort": sé do dhícheall mór gan dochar do theacht duit tríd chonbharsáid leis. "Gheóbhair do dhóthain, lán do dhá dhóthain agus cúpla póg ón gcailín" (seanamhrán). Thugais a dhóthain dho, deirtear so lé duine a théigheas dian ar dhuine, ainmhidhe nó rud ar bith, cé ná buadhfadh sé amach 'samach. Thug an tseanchainnt mo dhóthain dom í do thuigsint: ní raibh ach a rádh go. "An fada as so go Tráighlí?" – "tá dóthain lae ann": siubhal maith é do dhéanamh in aon ló. Milleán ná gearán níl agam ortha, fuaireas mo leór dhóthain des gach aonnidh: fuighleach agam. Dóthain saoghail aonne bean amháin, arsa fear na h-eagna: duadh go leór do innte. An íosfadh sé? dóthain dáréag: an t-aimeón. Dóthain aonne a sháith: níl call lé breis a's déanamh gnótha d'aon rud.

dothaistealta: *a.r.* doshiubhalta, dothráchta. Bóithre dothaistealta do thruacillidhibh dob eadh na seanbhóithre cumhanga, achrannacha: níor bh'fhéidir ghabháil leó ann. Cuan dothaistealta lán d'fhochaisidhibh a's de scairbheachaibh: nách féidir maraidheacht do dhéanamh ann go sábhálta. Droichchrích ar an mBreasaoil tá sí tuillte lé coilltibh dothaistealta: dorcha, diamhaire: nách féidir gabháil tríotha.

dóthanach: *a.* sásta lé, "bailighthe dhe". Cad é an diabhal gearáin atá air? ná fuair sé cantam dóthanach?: oiread is budh leór d'aonne. Beidh sé dóthanach orm an chathair do bheith sroichte agam um meádhon oidhche: iomadach: dá mhéid deabhaidh do dhéinim ní mór go mbead ann. Is dóthanach d'aonne a cheart: níl buannacht ar a thuilleadh aige. Ná bíodh eagla ort go n-eiteóchad tu má bhíonn sé dóthanach féin orm céad púnt do thabhairt duit: fiú a's go gcuireadh sé go dtím "aon bheart" me. Árduigh leat an ghloinne táim dóthanach den ndigh: an méid a bhí uaim tá caithte agam. Fáth go dtánag abhaile me bheith dóthanach den Oileán Úr: cortha dhe. Ó bheith ag éisteacht lé n-a bhriollabhrealla ag moladh Shasana bheadh aonne dóthanach de: "bailighthe dhe": bréan de: mós cortha gen gcainnt: dóighte ó bheith ag éisteacht lé cainnt neamblasta. Ró-dhóthanach den lá: an iomad mór de dhuadh agus d'aindeise an lae. Choidhche ní bheinn dóthanach den arán san lé n-a bhlastacht: bheinn ghá itheadh liom.

dotheagaisc: *a.* (*gein*) do-mhúinte, dúr. Buachaill dotheagaisc lé dochtúireacht b'éigean do éirghe as: a bheith neamhchliste. Treibh dotheagaisc ar riar tíorach dob eadh Éireannaigh dréir Shasanach. Amadán dotheagaisc mise a chuir mé féin ar t'iontaoibh, mar feall dob eadh mo thaithighe ort: ná faghadh ciall as aonnidh. Madra dotheagaisc nách maith chun bó ná caorach.

dothigheas: *f.1.* neamhfháilteamhlacht; coimhtheacht, neamhoscailteacht croidhe, nách féidir d'oileamhaint; neamhthaiseacht. Sé tigh an dothighis é: cumhangchroidheach, beacht, gorta. Is é siúd an dothigheas bheith i leith an tighe leis: an doicheall agus an ceal fáilte pearsanuighthe. Pé locht a cuirfí i leith an Éireannaigh níl dothigheas ortha: míomhúineadh ná easbhaidh ná fáilte is dual do. Fáilte ná tafant bídh níor deineadh air i rith an cheanntair, dothigheas i ngach teaghlach roimis: doicheall roim a theacht. Ná corruigheadh an dothigheas thú, ith leat, ní dhéanfainn cuibhreann ar ór na cruinne leat: an mianach greamuightheach, doscartha ar do chuid: neamhmuinnteardhas roimis an iasachtaidhe: neamhchineál.

dothigheasach: *a.* neamhmuinnteardha, neamhchineálta, coimhtheach, doichilleach, neamhfháilteamhail. "Ar cuireadh chun búird thu?" – "go dothigheasach é": doichilleach gan "an croidhe mór". Ní chuirfinn m'inghean i gcleamhnas le treibh dhothigheasach mar iad san ná beadh suidhe suaimhnis aice ná focal cneasta léi i rith a marthaine: neamhchneasta, neamhchineálta. Thug sé súil dhothigheasach orm nuair chuadhas isteach: níor bheag san go n-eiteóchadh sé me: malluighthe, neamhmuinnteardha. "Suidh annsan go gceistighead thu", do ráidh sé go dothigheasach, fáthanna a bhéil ar crith!: go míchneasta, cochallach. Ní heól dom céagaibh is dothigheasaighe ach bhur lithéid de chuideachtain lé cinnteacht a's lé sprionnlaitheacht níor bhuail riamh umam.

dothigheasach: *f.1.* duine duairc, coimhtheach, neamhfháilteamhail, doichilleach. Sin iad na dothigheasaigh chun súil do bheith leó cabhair ná congnamh do thabhairt d'fhear an ghábhtair: ní dóigh iad go bhfaighfí an rud a hiarrfí ortha. D'eitigh an dothigheasach ar mharcaidheacht me: duine sprionnlaithe, neamhoscailte, míocharthanamhail. Féach a luighead a gheibhim ón ndothigheasach!: gan flúirse ar a láimh. A dhothigheasaigh, maran deacair méar do chur ar faic a bhaineas leat: duine míochuibheasach.

dothógtha: *a.r.* deacair nó nách féidir d'árdach (ualach), do chothughadh nó do reamharughadh. Ní ceal foráiste a tháinig lém chuid stuic ach iad do bheith dothógtha, ní chuirfeadh muileann meilte bláthas (blás) ortha: deacair do chongbháil ar chan ceart cothuighthe. Leanbhaidhe leóchaileacha dothógtha lom, leice go mbíodh iomard éigin in aghaidh an lae ortha: do bheathughadh a's d'oileamhaint. I rith a shaoghail uile beidh a cheann dothógtha aige as an gcoir 'n-ar daoradh é: ceannfé air. Ualaighe dothógtha ag follamhughadh 'sag luchtughadh long a chiorrbhaidh a shaoghal: mórthroma.

dothoghtha: *a.r.* deacair lé rogha do ghnóthughadh nó toghtha go holc.

dothruaillighthe: *a.r.* deacair nó nách féidir do lot nó do theimhealughadh. A mháthair dothruaillighthe Dé: gan smál. Taoiseach dothruaillighthe b'eadh an Peáirnéalach nár shoshamhluighthe leis beart ná breab: doimheallta. Ní baoghal duit an té sin d'fhealladh ort ionnracas dothruaillighthe é ó lúidín a choise go bathas a chinn: dochlaonta, doimheallta.

dothuigse: *b.4.* ceal soiléireachta; meargódh; neamhthapa, neamhchuimsiughadh; doiléire. Tá cuid a ráidhte ar an dá thaobh an milleán do bheith ortha gidh nách trí locht é ach dothuigse: cóimhmhilleán trí cheal tuigseana a chéile. Dothuigse na dúthaighe ar m'inchinn indiugh, gach rud ag teacht dall, dorcha orm: doiléire: gan nidhthe bheith soiléasta dom inchinn. Staonaimís fóillín agus réidhtighimís an dothuigse seo ná feadair duine againn cad é a chúis ar chách: meargódh: dul trí chéile. Scéal dothuigse dúinn toisc na taoide: nách féidir lé n-ár n-inchinn a mhíniughadh agus a mhionughadh. Connacthas dom dothuigse i ngné gach fir díobh tréis na preibe do bhain an pléascán asta: suathadh: neamhfhios ar cad budh cheart dóibh do dhéanamh.

dothuigthe: *a.r.* nách féidir do thuigsint, nó léigheamh go cruinn ar. Cuid mhór den seanGhaedhilg atá dothuigthe ach ar fhíorbheagán suadh fé láthair: nách féidir a bhrigh do bhreith leó. Úrlabhra dothuigthe a gheóbhfá toisc na tutbhalbhacht atá ann: nár bh'fheas duit cad bheadh ar siubhal aige. Is dothuigthe don nglúin seo cora cainnte ár dteangan ná dos na glúinibh a chuaidh rómhainn toisc a annamhaighe a chloisid in áis iad: is deacra dhóibh a mbrigh do ghabháil.

drab: *f.1.* salachar, pludadh, múnlach. Féach t'íochtar salach, barcach lé drab: salachar, fliuch an bhealaigh. Drab an bhóthair ar an muic ó bheith ghá hiomlosc féin. Scriosfá an drab de lé sciain!: bhí sé lán de phludadh.

drabach: *a.* salach-ruibealach; barcach; moirteach, lábach. Na háraistidhe seo, a chailín mhaith, is tú d'fhág go drabach iad; ná fuil uisce flúirseach?: lán de chan a's de theimheal. Cár shínis, a leighcidhe, féach an aoide dhrabach atá ar do dhrom: brat salachair ort. An bhó ná faghann aire ná easair, is furaiste aithint ar a hearball drabach é: salach.

drabhaire: *f.4.* liaghairne díomhaoin, gliobach, liobarnach. Drabhaire gan chrích, gan áird, gan fáscadh, gan críochnughadh: "faid an lae ambáirigh" d'fhear gan ach an aindeise

agus an salachar ar eólas aige. A dhrabhaire bhig, féach an chuma atá ar do chuid leabhar: salach, neamhghasta, breallach.

drabhlais: (**draibhlis**) *b.2.* dramhfhuigheall; dríodar; suarachas, sceanfairt. Cad is dóigh leat do gheóbhadh na diabhail bhochta lé n-itheadh i ngabhann ach drabhlais (bhídh): an chuid is measa dhe: méiseáil gan mhaith: prácas bocht. In ainm Chruim éist do bhéal ar an saghas san drabhlaise gan éifeacht: fastaoim chainnte: "gan bun, gan barr, gan leathimeall".

dradaire: *f.* duine go mbíonn an iomad cainnte aige, teallaire, duine beag clódhchaiseach. Chonnac dradaire beag seanduine sa chúinne go raibh cainnt na gile gréine aige: cnochaire beag, mionchainnteach. Éist, a dhradaire, fan lé t'aois: leanbh deiliumhasach. Cuireann an dradaire é féin in iúil i ngach cuideachtain, go mór mhór i gcúram dhaoine eile: tathaire: geócach nó treasnálaidhe gan fuaimeant. Is minic do bhris béal an dradaire a shrón!: go mbascfadh duine é de chionn a chuid teallaireachta. "Dá gcloisteá cad dubhairt san" – "chreidfinn go ndéarfadh an dradaire céadna aonnidh": duine gan greim cneasta ar a theangain.

dradaireacht: *b.3.* táthaireacht, teallaireacht; giorraisc cainnte. Dradaireacht is fearr atá agat: míbhéas agus treasnaghal. Sin é bhí ag dradaireacht gháiridhe fes gach aonne, is maith an tabhairt suas atá ort!: ag fonmhóid fé chách, dar leat ná fuil aonne mar thu. Dhíngfinn do chuid dradaireachta síos id scórnaigh!: do chuid clódhchais is tósdalachta (gan cur leis). Níl ann ach dradaireacht: cainnt mhagaidh.

dragan: *f.1.* fear antréan. Dragain dob eadh ár sinnsear i gcómhnáird na suarachán atá ann anois: fathaigh: gaiscidhigh.

draganta: *a. n-dh.* ródha, calma. Ní lé n-a chlódh draganta do tógadh 'n-a shaighdiúir é: cuma catha a's ródhachta. Nách draganta an ghné atá ar Stailín, an crombéal 'san cheannaghtha choimhtheach: cogamhail.

dragún: *f.1.* ainmhidhe mór fiannaidheachta i gclódh nathar nimhnigh, sciathánaigh; saighdiúir. Seo chughainn na dragúin: na fathaigh fear. In Áth an Phuill bhí dragún mór dtrí gceann ag cosaint na mná óige: ainmhidhe gráineamhail.

draid: *b.2.* (*iol.* –eanna) cuma neamhthaithneamhach tímcheall fáth (fáthanna) an bhéil agus na bhfiacal. "Léan id dhraid!" deirtear lé míoshásamh. Féachaidh an draid atá anois air: tormas pusghala ná faghadh a thoil. Cuir draid ort féin chuige: cuir cuma mhagamhail ort féin fé. Tá draid ón bhfuacht air: cuma fhuar, ghreannmhar.

draip: *b.2.* (*iol.* –eanna) teannta; áit i bhfaill gur ródheacair corruighe as ar eagla tuitim; aiste chonntabharthach, ghéibhinneach. B'éigean téad d'fhagháil chun é d'fhuascailt as an ndraip (faille): áit bhaoghalach. Riamh ní rabhas i ndraip chómh daingean, tá orm teacht os chómhair rannsuightheóra chun breithnighthe im theacht isteach ar gach slighe chun mo chuid fiach d'íoc: cruadhchás. An draip is conntabharthaighe go rabhas i rith mo bheatha nuair bhí béal gunnaidhe dingthe isteach im dhrom!: aiste ró-ghuaiseach. I ndraip

cheart dom, de dhá chárta, tá an ceann ceart agam céaca caithfead, sin í an fhadhb: “i ngalar na gcás”: dóigh theanntuighthe.

****80**

dram: *f.3.* (*iol.* –anna) dúnóg dighe biotáilighe; oiread agus ólfí d’aon iarracht. Bíodh dram nó dhó againn: deoch etc. “Ní deoch go dram” (seanfhocal): níl aon deoch mar an deoch go mbíonn biotáille innte.

dramh: *f.1.* dríodar, lóchán: gráinseáil (arbhar a’s biadh), gramaisc, lóta, screallach: trufais. “Ná fuil chúig chárta agat ar nós gach aonne?” – “tá san agam, gan amhras – dramh an phaca!”: trufais: na cártaidhe “is measa beó”. Caith an dramh san chun an mhadra: fuighleach gan mhaith. Lat leidhbe ar an stáca ge luchaigh - níor fhágadar ann ach dramh: lóchán. Bailigheann sé an dramh ó thigh go tigh chun muc: an roilleach bídh. Níl aon dramh ná go n-árduigheann an cat leis: lóta: greamatghal go bhfaghann cao air. Sibh dramh na bhfear, is fada buidhe go mbuaidhfí ar bhur n-aithreachaibh: dríodar: meathtaigh. Is beag ar dhaoinibh saidhbhre connus mar mhaireann dramh bocht na gcúlshráideann: dríodar: daoscar an phobail.

drámh: *f.3.* (*iol.* drámhaite) cárta nách mádh, ná bíonn a dhath ar cheann ná aon chárta den gcliath go mbaineann leis. Sid í lámh na haindeise, drámhaite ó thóin ceann. “Muileat an mádh ’sis maith an drámh an spéarat” (seanrádh). Droch-dhrámh a bhí orm: agam. Léan ort! is tú an drámh agus an droch-dhrámh: duine gan aon tsaghas maitheasa.

dramhfhuigheall: *f.1.* *7* *3.* dríodar, earrasbarr gan tairbhe. Chaitheas uaim iad, ní raibh ionta ach dramhfhuigheall drámhaite: drámhaite ná fuil cúig ar bith ionta. Nára slán an comórtas - níl aige ach dramhfhuigheall chainnte ’e bhreis ar a dhreatháir, sin é go bhfuil an teanga líomhtha aige: cainnt gan éifeacht. Madra sothógtha seadh é, d’íosfadh sé aon dramhfhuigheall: biadh fuighligh ná beadh ar fóghnamh. Dramhfhuigheall cuid na muc: an méid olc nó maith a bhíos gan ídeach tréis béilidhe. Triail mhaith a thugamair uainn a’s gan againn ach, mar tugtí ortha, dramhfhuigheall an cheanntair: meath nó dríodar na bhfear. Fág an dramhfhuigheall féin agam!: ná hith a bhfuil ann. “An mór aige?” – “dramhfhuigheall”: oiread a’s nách fiú cainnt air.

dran: *f.3.* cuma an fáthgháire (ní h-ionann so agus draid). Chuir sé dran air féin nuair chonnaic sé ag tuiteam me lé neamhmairg: chídhfeá fáth an gháire ag teacht air.

dranaire: *f.4.* duine a bhíos ag duanaireacht. Éist, a dhranaire, táim bodhar ged chuid búrdún: rithlearga. Anois, a dhranaire, pé labharfaidh, ná labhair-se: duine go bhfuil a theanga ar a dheis aige. Dranaire gáiridhe thusa: fear seóidh.

dranaireacht: *b.3.* rannaidheacht, duanaidheacht. Ní taithneamh liom do dhranaireacht gháiridhe: cainnt fhileamhail mhagaidh. Go plámásach os mo chómhair i gcuibhreann mo choda, ag dranaireacht fúm laistiar díom: fonmhóid is cainnt mhagaidh (dar leó).

dranna: *f.4.* cuma fhoillsightheach gháiridhe, mhagaidh, feirge nó péin tímcheall fáth(anna) an bhéil agus na bhfiacal, scaimh. Léan id dhranna, deirtear so lé searbhas nó

míobhuidheachas. Dranna maith coganta nár mhór dhuit don bhfeóil righin seo: cairb mhaith fhiacal i ndranndal láidir. Féach an dranna atá air: an chuma neamhghnáthach nách taithneamhach. Cuir uaim na drannaidhe: cumaidhe aite, gan chiall leó.

drannach: *a.* scaimheach, grainnceach. Madra drannach a bhéarfadh ort: a lomas a fhiacla amhail mar bheadh chun beartha lé malluightheacht. Gáiridhe dhrannach aca fúm: gurbh aithnid ó dheallramh a mbeól go raibh sásta mo mhairge ortha. Gach aon fhocal drannach ag sceinneadh uaidh mar bheadh cat ag siosarnaigh!: an chainnt ghomhamhail ag teacht idir a fhiaclaibh lé fuinneamh.

drannadh: *f.* (*-nnta*) scaimh lé gáiridhe nó cámas. Chómh luath agus tháinig sé isteach dhein sí drannadh gáire lé háthas é d'fheicsint ag triall uirthe: scar a béal go bhfeicfeá a fiacla i ngáire go soiléir. Droichchrích id dhrannadh: an chuma ar fháthannaibh an bhéil a fhoillseóchadh an mhotháilt – áthas nó díombáidh tréis gnímh ar dhuine eile. An drannadh do dhein sé nuair thairng sé smíste orm i gclár an droma: miongháire áthais.

drannaire: *f.4.* ainm tháir ar dhuine gur taithighe leis cleithmhagadh. Drannaire ná féadfadh a shuaimhneas do cheapadh i dTigh Dé gan bheith ag cogarnaghal: fear magaidh táirinntineach. "Ar an scoil seo", ars an cigire, "níl ach scata drannairidhe": leanbhaidhe scigeamhla gan oileamhaint. "Féach, cad déarfaid do chomharsain leat" – "is lánmhór is cuma liom-sa cad é meas drannairidhe orm": lucht scige suaraighe.

drannaireacht: *b.3.* dúnadh a's foillsiughadh fiacal: cumaidhe beól. Is maith í do cheárd bheith ag drannaireacht fé chúram gach aonne: ag déanamh magaidh shuaraigh. Cad í an drannaireacht so ort-sa anois? cad chuige na cumaidhe seo? Cuirfidh lucht tobac uatha a gcuid drannaireachta lé breis na cánach: caithfid gnóth forasta do dhéanamh de. Ní drannaireacht a dhéanfadh biadh do thuilleamh: beagshuim i ngnóth a's cleithmhagadh fé obair.

dranndal: *f.1.* clúdach cruaidh feóla na gcorrán 'n-a mbíonn na fiacla suidhte: an béal i gcoitchinne. Faic ní fhéadfainn do chogaint, níl agam ach an dranndal: ceal fiacal. Buaileadh isteach sa dranndal me: go cruinn ins na fiaclaibh a's tímcheall ortha. Strac an fiaclóir an dranndal asam ag stathadh na bhfiacal do: an chuid den gcorrán tímcheall préach na bhfiacal. Dranndal manntach: lán de bheárnaidhibh mar ar thuit na fiacla.

dranndam: (**drundam**) *f.1.* gíocs, focal, siolla cainnte. Dranndam níor labhair sé, dá mhéid (na) tarcuisne a fuair sé: níor oscail a bhéal. Ná bíodh dranndam asat nó cloisfear sinn: oiread a's corruighe na teangan. Ná faghaim dranndam as do bhéal: bíodh béal ciúin agat.

drannghail: *b.3.* scaimhgheal, miongháiridhe fonmhóide. Má bhíonn tú ag drannghail fúmsa brisfead do dhranndal: ag gáiridhe a's ag cur cumaidhe magaidh ar do bhéal fúm. Is mór an drannghail í go deimhin: an leamhmhagadh míbhéasach. B'fhéidir go gcuirfinn-se do chuid drannghala in áit éigin eile: go gcuirfinn deireadh léd chuid magaidh tarcuisneamhail. Drannghail is fearr agat: sin eile a bhfuil de mhaith ionat.

drannghháire: *f.4.* gáiridhe le scaimh, cumaidhe. An tsráid síos a's é ag drannghháire lé háthas a raibh fachta in aiste aige: gáiridhe shásta. Ag drannghháire fúm féin a's fém hata beannach: magadh ghháiridhe go sultmhar fén "aiteas".

dranntán: *f.1.* crónán, siansán, glór íseal cómhnaidhtheach. Músclann mo chos chun rinnce lé dranntán na píbe: glór íseal ceolmhar. Cois teine chaitheann sé a shaoghal ag dranntán do féin: go suaimhneasach ag duanaireacht. An dranntán a ghníos na háthraighe aoir líonadh d'umhan an tseanbhean lé heagla cogaidh: an glór siansánach gan stad. Cuir uait do chuid dranntáin a's caith do chuid: an cnáimhseán 'san gearán. Iomard éigin air go bhfuil an dranntán gen a scórnaigh: glór ciachmhar.

dranntánach: *a.* crónánach, siansánach, cnáimhseánach. Leanbh is dranntánaighe níl ar m'eólas: cnáimhseánach, doshásta. Níl aon teip ar an inneall san, tá sé chómh dranntánach a's bhí riamh: glór cómhnaidhtheach ceart aige. Ní cuibhe do neach bheith dranntánach: cnáimhseánach.

dranntughadh: *f.* (*-ighthe*) do chur scaimhe (ar) do chnáimhseán: cruadhadh. Tá sé san ionbhaidh aige anois, ag déanamh isteach ar an Nodlaig, bheith ag dranntughadh chun seaca: "ag sméideadh" air: scaimh an tseaca buailte linn. Madra an dranntuighthe madra an doichill: an té go mbíonn an doicheall 'n-a chroidhe chídhtear 'n-a ghnúis.

draoi: *f.4.* (*iol.* –ithe) sagart pagánach na nGaedheal: duine asarlaidheachta: fear feasa. Chuir an rí fios ar an ndraoi chun fios fátha an ghlóir dhiamhair a chrith an duine do thabhairt do: an té a bhíodh 'n-a fhoigse chun fáistine agus réidhtigh do dhéanamh do. Bandraoi: bean a chleachtadh draoidheacht a's doilbhe. Ní bhainfeadh na draoithe féin an bonn uaidh: dá mhéid é a gcuid feasa bheadh sé rómhaith dhóibh: ró-dhoimhin.

draoib: *b.2.* salachar, lathach (lathaigh), láib, lábán, slab, pludadh, raide, clábar. Ar nós na muice sa draoib: chómh salach léi tréis a hiomlosc féin innte. An íde atá air lé draoib: an chuma mhíothaithneamhach lé slab an bhealaigh. Is minicighe sa draoib é: ag tuiteam lé póit. In a mhaidrín draoibe ag rith i ndiaidh na n-uasal: ag lútáil ar na daoinibh gur dóigh leis gurb iad a uachtaráin iad. Thairngeóchadh súd tríd an ndraoib aon fhear id pharóiste: gheóbhadh sé de chosaibh ann le neart. Mo shrón sa draoib an uile lá dem shaoghal: mo dhá cheann i gcré: dian-oibreach.

draoibeal: *f.1.* láb nó lathaigh ceangailte de bhall éadaigh mar bheadh ar earball gúna mná: lábán. Draoibeal ar fad seadh an baile seo go glúinibh ort: lathaigh bhog go raghfá ar lár innte. In ainm Dé! éist dom tú léi, ní fheaca riamh uirthe ach an draoibeal: ná bí ghá moladh, mar is í bhíonn go salach, barcach, leibideach. Draoibeal ar a bhólacht: salachar ar a ndeireadh, cheal aire.

draoidheacht: *b.3.* ealadha an draoi: dolbh: asarlaidheacht, diablaidheacht: briocht, breaslaidheacht: geasa: mealladh: gliocas diamhair: cluainireacht agus bréagaireacht. Áit fé dhraoidheacht é seo, a áilne níor amharcas riamh: áit a chuirfeadh ró-aoibhneas ar chroidhe dhuine. Ó Adam ní ghéillfinn ná gur fear fé dhraoidheacht é, dá mbeinn i bhfiche áit in aon ló bheadh sé romham ann: cómhacht dothuigse taistil aige. "Ceódh

draoidheachta sheól oidhche chun fáin me" (seanamhrán): ceódh doi-eólais: go raibh cómhacht éigin dhiamhair ghom chur amugha. Bád draoidheachta: bád nách féidir a shárughadh lé siubhal nó ná baineann leis an saoghal so i mí mhairbh na hoidhche, ag teacht abhaile ón nDaingean do, chuala sé an ceól draoidheachta sa lios: ceól aoibhinn ón "saoghal eile". Cuireadh fé dhraoidheacht é: baineadh a threóir nádúrdha dhe a's tugadh cómhachta dolbha dho chun cumais ar chách. Deoch go bhfuil draoidheacht innte a spriogfadh chun gníomhartha gaisce agus gaile an duine budh laige: briocht cómhachtach éigin innte. D'imir sí draoidheacht éigin air gur mheall sí é, fear ná féachfadh siar ar aon bhean: chuir sí mearbhall air go raibh sé 'n-a cómhacht aice. Cuireadh draoidheacht ar a shúilibh gur cheap sé go dtabharfadh sé an leabhar ann – go bhfeaca sé marcach agus capall leis an ngealaigh ag rás ar an bhfarraige: cómhacht ar an súil a chuireas uirthe rudaidhe do thabhairt fé ndeara ina atharrach crota. Bhuail an tsidhbhean buille dá slaitín draoidheachta air agus thuit sé 'n-a thámhnéal ar an dtoirt! Chuir sí "fé gheasaibh droma draoidheachta" me gan mo bhéal d'oscailt lé haonne air: fé chuing nár bh'fhéidir do bhriseadh de chionn cómhachta neamhsaoghalta do bheith ag baint léi. Chuir an seandraoi an cochall dealbhtha draoidheachta air féin le linn do bheith ag tabhairt feasa don rí: an cocall go mb'fhéidir rudaidhe míonádúrtha do dhéanamh a's bheith ghá chaitheamh.

draoidheachtach: (**draoidheachtamhail**) *a.* iongantach, aoibhinn, mealltach, ar dhóigh bheith i ndán cómhacht dhoilbhthe na nádúra do chur ag obair. Nách draoidheachtach an rud ná tuigeann tu gur cheart duit béasa atá ag déanamh do dhíoghbhála do thréigean: nách ait, dothuigse an rud é: ní fuláir nó tá cómhacht éigin neamhnádúrdha ghod chur amugha. Oibreacha draoidheachtamhla ar bun i gcómhnaidhe ge lucht an airgid chun a spaga do neartughadh: gnóthaidhe diablaidhe cleasacha chun airgid do shaothrughadh ar áis nó ar éigean. Ní fheadair aonne ach í féin féin cad é an bhreastaidheacht dhraoidheachtach bhíonn ar siubhal aice sa ghleann ag cóiriughadh luibheann: dothuigse, diamhair. Boladh draoidheachtach ón bplannda gur chuir mearaidhe ar gach neach a chuaidh 'n-a ghaor: go raibh cómhachta dolbhtha na nádúra aige. Is draoidheachtach an obair má tá mo hata fém chuardach agus an tigh tugtha síos suas ghá lorg: is dothuigthe: rud míonádurdha.

draoidheadóir: *f.3.* duine a chleachtas cleasa dolbhtha, duine gliclúbach, duine glicfhiosrach. Ó cailleadh furmhór na seandaoine níl aon draoidheadóir eile sa cheanntar anois a thabharfadh eolas na gclochán a's na leas san duit: duine go mbeadh cianeólas aige ar chúrsaidhibh na ndraoithe. Fág fén ndraoidheadóir úd é a's má théigheann de éirigh as. Draoidheadóir beag suarach ó thigh go tigh go mbíonn gach scéal ar a ghob aige: bailightheóir eachtraidhthe: "dubhairt sé dábhairt sé" duine.

draoidheadóireacht: *b.3.* asarlaidheacht, seanchaidheacht, cléghliocas. Draoidheadóireacht mhór do an cómharthughadh atá ar an seanghalán do léigheamh: dul amach mór. Dar leis na daoinibh go raibh draoidheadóireacht an domhain aice tímcheall leighis ar an méiseáil a bhíodh aice lé luibheannaibh. "Nách maith do fuair sí táille na ndall a's mallaradharc maith aice" – "cá ngeóbhadh a cuid draoidheadóireachta?": a gliocas chun dul i gcóir a coda.

draoidhreacht: *b.3.* cómhacht do-thuigse, do-mhínighthe: briocht, dícheadal: breachtradh. D'imir sí a draoidhreacht ar an uile oifigeach airm a bhuail uimpe chun discréid agus rún do mhealladh uatha. An lá mór fada chaithfeá ann suidhte ag amharc id thímcheall ge draoidhreacht na háite: aoibhneas thar barr.

draonán: (**draghnán**) *f.1.* ceódhmharsach, báisteach cheódh mhion. Luigheann an draonán ameasc gabhal na gcnoc isteach ón bhfarraige.

draonánach: (**draghnánach**) *a.* ceódhmharsach. Maidean dhraonánach, dhorcha go bhfuil fás innte: bog, ceódhach, torthamhail.

draosta: (**draostamhail**) *a.* gáirseamhail, míobhanamhail, gráistealach. Is é an duine budh dhraosta as a theangain os cómhair daoine óg is dona a chuala riamh é: míothaithneamhach leis an mbanamhlacht, leis an aigne chráibhthigh. Focal draosta níor hairigheadh as a bhéal riamh – budh mhaith é a ghnóth chun Dé: salach, míochuibheasach. Baineann sé sult as bheith ag innsint scéal draosta a chuirfeadh an ghruaig 'n-a seasamh ar do cheann lé n-a salachar: míobhanamhla: neamhgheanmnaidhe. Daoine draosta tugtha do dhrúis agus do bheatha gan srian mian: brúideamhla.

draostacht: *b.3.* míobhanamhlacht: neamhgheanmnaidheacht: gráisgealacht, neamhghlaine i smaoineamh nó i mbriathar: droichiomchar a bhéarfadh bascadh do deaghbhéasaibh: gáirse: ainmhiantacht: corbacht. Cuireadh príosún mí ar lé draostacht a chainnte i bpoiblidheacht: cainnt neamhghlan, neamhthaithneamhach. Gníomhartha draostachta a thug scannail don gceanntar agus a chuir gach aonne 'n-a aghaidh b'iad na cortha 'n-a bhfuairtheas cionntach é: gníomhartha i gcoinnibh cádhais agus geanmnaidheachta.

dreach: *f.3.* gné, éagcosc, an cheannaghtha, an t-uachtar: an taobh lasmuigh: féachaint. Pé clamhsán atá ort, níl aon droichdhreach ort, moladh lé Dia, táir lasta go breágh id chuid fola agus feola: cuma nó féachaint shláinteamhail. Dreach báidhte na talmhan tréis an dubhluachair: uachtar fliuch, trom. Dul 'n-a threis, ní háil liom, mar ní ró-thaithneamhach é a dhreach: an chuma neamhmuinnteardha atá ar a aghaidh. Dreach mná chómh sciamhach a's b'fhéidir lé súil duine d'amharc: na cómharthaidhthe sofheicse aghtha a chuireas in iúil a breághthacht: gné. Ní furaiste a dreach do dhoirchiughadh lé brón: is deacair brón do bhreithniughadh 'n-a haghaidh. Is maith é dreach na leanbh san, iad glan, gléasta, deaghbheathaidh: cuma. An cogadh a's cánacha, diamhairiughadh a's uile, is olc é dreach an tsaoghail: an chuma thaidhbhsigheann sé.

dreachamhail: *a.* scéimheamhail, dathamhail, deaghdhealbhach. Dréir gach cunntais bean dhreachamhail dob eadh an Cailín Bán: áilne agus scéimh pearsan tar barr innte. Sí teist ban Éireann gur dreachamhail iad: áluinn, dathamhail, lánsciamhach. Budh niamharach an bhean í fé n-a cuid éadaigh go dreachamhail: gléasta go deascnuithe. Gheobhfá adhmanas in áit ar bith anois táir chómh dreachamhail san: snasta, deascnuithe i gclódh a's i bpearsain. In ainm Dé tabhair cuma dhreachamhail ort féin agus ná téighir i láthair aonne gan bearradh: gur féidir leat dul ós chómhair dhaoine gan eagla casta do chlóidh ná do ghlaine leat.

dreachamhlacht: *b.3.* scéimheamhlacht, dathamhlacht, taithneamhacht clóidh. Lé n-a dreachamhlacht ghlacfaí léi d'aindeóin a bochtanachta in aon chuideachtain: taithneamhacht a clóidh. Ar chuma éigin bhí mío-ádhmhaireacht ag baint leis, toisc ceal dreachamhlachta go bhfaghadh gach aonne neamhshuim do: gan pearsantacht ionghabhtha do bheith ann. Slachtmhar, glan i mbróig 'si mbalcais is beag duine go bhfeicfeá a dhreachamhlacht air: cuma ghalánta, soleaguighthe. D'imthigh a dreachamhlacht leis an gceasnaidhe: thréig an dath taithneamhach a gné.

dreach-nár: *a.* támáilte, claonta lé cúthaileacht a's luisniughadh. Och, a dhe, druid 'n-ár measc b'anna(mh) leat bheith chómh dreach-nár, níl aonne annso a bhainfidh greim asat!: támáilte: neamhcharáisteamhail. Dearguigheann sí go bun na gcluas, í chómh dreach-nár san, gan ach beannughadh dhi: claon ar a stuaim do chailleamhaint i láthair daoine iasachta: faitchíosacht: sceinnideacht.

dreachsholais: *a.* (*gein*) gealghnéitheach: go n-araidhe bhreágh, ghlan, oscailte, taithneamh-íogharach. I mbrón nó in áthas bíonn an t-aindiseóir dreachsholais, gheóbhfá an chainnt 'san gáire uaidh: sultmhar, gnúis thaithneamhach. B'iad do bhí go dreachsholais nuair fuaireadar scéala dearbhtha go raibh an dream a bhí ar iarraidh ó bhaoghal: budh léir ar a ghné é leis an aoibhneas croidhe a láithrigh ann.

dréacht: *f.3.* dán, duain, eachtra, eachtra "pátrún": líomadh. Na seanmhiasa úd fadó go mbíodh an dréacht gorm istigh 'n-a lár cloisim go bhfuilid an-dhaor anois: pátrún (grianáin, báid is crainn, etc.). Déin aithris ar an ndréacht san agus déanfair "geansaidhe" cluthair, breágh: deilbh (dealbh) 'n-a líomadh. An seanmháighistir briste ag dul ó cheanntar go ceanntar ag léigheamh a dhréacht as "Pháidín Ó Dálaigh" nó aon tseanscéal eile a bhíodh aige: giota nó mioneachtra. Sin é dréacht an tighe agat agus muna gcuirtear gach seánra, fuinneóg agus uile ann mar tá léirighthe annsan ní bhfaghfar aon deóntas ón Riaghaltas: deilbh an tighe.

dream: *f.3.* gasra, cuideachta, scata, fuireann, díorma, treabh, buidhean, lucht leanamhna (ruda). Dream an rinnce bailighthe n-a gcómhthalán (cóimhthionól): iad so a bhí lé dul ag rinnce. Cá bhfuil dream an ocrais go léir ón mbiadh so anois?: an méid go raibh ocras dhá cháiseamh aca. Nár leigidh Dia dhuit iad chun bheith ag brath ar dhream an ocrais: daoine ná raibh teist na flaitheamhlachta ortha. Bhíodar ar an ndream dob aite beo, d'fhágaidís a dtortha amuigh fén sín gan sprioc bailighthe ná díoghlama ortha: ar an dtreibh: daoine fé leith. "Dream ag teacht agus dream ag imtheacht" ars an tseanbhean go raibh eagla an bháis uirthe féin, ar chlos di gur saoghaluigheadh clann óg .i. dhá shaoghalughadh a's ag fagháil báis. "Gach dream dá dtiocfaidh ag dul i mine a's i mbréagaidhe" (seanrádh): lé himtheacht aimsire gurb é sin can gach glún. Cá bhfuil an dream?: daoine áirighthe gur fios cé hiad gan tuilleadh do rádh go sonnradhach. Beidh na dreamanna annsúd i gcóir an tsamhraidh le draoidheacht aoibhneasa na háite: sluaighte. Buadhadh ar ár ndream-ne: muinntir ár dtaoibhe-ne: ár mbuidhean-ne. Déarfadh dream eile leat n-a choinnibh sin: malairt daoine. An-dhream daoine iad san chun buailte isteach chúcha, ná fágfadh ocras ná tart ort: buidhean (ar leithrigh). Éistighidh! is sibh dream an éithigh: treibh ná tagann focal den bhfírinne uatha. Sé mar tá an saoghal, dream do bheith

ag gabháil soir agus dream ag gabháil siar: malairt aicmidhe malairt fuadair. An bhfeacaís mo dhream-sa in áit ar bith?: na daoine a bhí im fhochair: mo mhuinntir. Sibh dream an diabhail agus baint leis an rud ná baineann libh: aicme neamhghnáth, olc. Clipeann dream na Gaedhilge dream an Bhéarla: na daoine atá leagtha lé Gaedhilge. Cheapas ná stadfaidís choidhche, bhíodar ag teacht 'n-a ndreamannaibh orm: 'n-a scataidhibh gan sos. Seo chughainn an dream aerach: scata a bhíos ghá n-aoibhneas féin: tagairt choitcheann do leanbhaidhibh óga gan de chúram an tsaoghail ortha ach a "ndrom 'sa mbolg". An-dhream óil iad san: tugtha dho. An-dhream iascaigh, oibre, airgid, díomhaointis etc. Dream bitheamhnach seadh iad: daoine go bhfuil an bhitheamhantaidheacht "ar bórd aca". Sinne an dream dob fhearr leis: ár gcuideachta nó ár gcómhluadar-ne budh thaithneamhaighe leis bheith 'n-a measc. Cé hiad an dream atá 'n-a gcómhnaidhe ann?: cad is sloinne dhóibh. Is mór mar taoi ag dul leis an ndream ná maireann: an ghlúin (ghaolmhar) atá tréis bháis. Sin iad an dream!: na daoine inspéise, ná féadfadh duine gan ceann do thógaint díobh. De dhream an uilc tusa leis: an bhuidhean áirighthe gur dual dóibh olc do chleachtadh. Aon dream eile ní leigfeadh a gceann leó ach iad: aon scata eile daoine. Dream maith cogaidh seadh na Gearmánaigh: aicme. An chéad dream a bhí annsan is i bpúicínidhibh cloch a bhí cómhnaidhe ortha: an chéad treibh no sliocht. Aithnightear cách ar a dhream: dréir cuideachtan duine do meastar é. Dream na tráchtala: raing nó treas dhaoine a leanas gairm áirighthe.

dreancaid: (**dreanncaide**) *f.4.* feithide beag a shúighreacas fuil. Níl oiread dreancaid ann!: spriosán (duine), suarachán (aon ruda). An buille atá aige ní mharbhóchadh sé dreancaid!: an-lag: neambríoghmhar. "Mharbhófá an dreancaid ar a bholg" (rádh gluardha): é bheith borrtha chómh mór san ag digh mhearbhaill. Caith uaim é mar dhuine atá ithte ges na dreanncaididhibh!: anshalach. "Ló go n-oidhche an luch, uair an chluig an dreancaid!" (rádh): faid thógann uatha síolbhughadh. Cuireadh dreancaid 'n-a chluais!: fuair sé éachtaint a ghoirtigh é.

dreapadóir: *f.3.* duine a ghreamuigheas lé n-a lámhaibh a's lé n-a chosaibh i gcoinnibh áite géire mar faille nó falla (ní thagrann so do ascnamh i gcoinnibh cnoc mar a mbíonn duadh siubhlóide amháin). Dreapadóir maith a thug an dá ghearrcach dhéidheannacha fiolair as Bod a'Seasamh (sprochaid ghéar árd talmhan i bhfuirm galáin ar chliathán thiar thuaidh Inis Tuaisceart). Dreapadóir maith ar nós an chait!: go bhfuil greim cos a's lámh aige mar tá ag liodáin an chait. Dreapadóir dlúth an t-eidhneán: fásann sé go hiongtach agus go tiugh i gcoinnibh falla, faille nó gleanna.

dreapadóireacht: (**drapadóireacht**) *b.3.* dul in aghaidh áite géire go mall, duaibhseamhail le greamughadh lámh agus cos. Dhein sé drapadóireacht an chait: drapadóireacht iongtach. An drapadóireacht a fhágfaidh amuigh é: an té go mbíonn dúil aige innte is baoghalach gur léithe a thuitfidh toisc a conntabharthaighe. Ag drapadóireacht leis an saoghal: d'iarraidh maireachtaint lé duadh.

dreapuighim: (**drapuighim, drapaim**) *b.a.* éirighim i gcoinnibh géire lé greamughadh mo lámh a's mo chos. Drapuigh anáirde taobh an fhalla ar nós an dubháin (alla): únshnáimh in áirde lé greim d'fhaghail. Ní dhrapóchadh cat san áit 'n-ar ghaibh sé: ní gheobhadh ann lé greamughadh a liodán.

dreas: (**dris**) *b.2.* sceach, plannda deilgneach a's cos chruaidh fé. Talamh scéirdeamhail gan dos gan dris: gan fás cosanta. Ar an ádh cártaidhe atá air ní fuláir nó chuaidh sé fé dhreis: asarlaidheacht ag lorg cómhacht an diabhail chun buaidhte.

dreasach: (**driseach**) *a.* deilgneach. Gleann gránda dreasach: ná fagfad luid anáirde ort.

dreasarnach: *b.2.* áit lán de sceachaibh a's de dheilgnibh. Dreasarnach thalmhan nách fiú a glacadh in aisce: ar aiteann a's sceacha lé n-a fhiadhantas.

dréim: *b.2.* ag súil nó ag coinne lé, ghá fhéachaint le, ag cóstáil le, in iomarbháidh nó i gcomórtas le: iarracht, eitim. Ag dréim lé chéile an dá nadhbhóig d'fhéachaint céaca bheadh chun tosaigh: i gcomórtas chruaidh, dheacair. Ag dréim lé deóraibh fém bhás ní beifear: ní bheidh neach ag sileadh deór im thaobh. Ar a ghualainn siúd níl ionam ach mar bheadh braon súl ag dréim leis an ndílinn: níl im neart i gcomórtas lé n-a neart ach ar an gcuma gcéadna .i. an neamhéifeacht chéadna díreach. Is iomdha san buachaill a bhíodh ag dréim lé n-a póig, mar budh dhreachamhail an stuaire í: ghá fhéachaint lé n-a chéile. Aon rud do chuirim romham is deacair dom a chur chun cinn nuair bítear ag dréim liom 'n-a thaobh: ag cur im choinnibh. B'fhada me ag dréim leis gan a theacht, ach bhuail chugham fá dheireadh thiar thall ag súil leis. Ag súil 'sag súil go bhfuasclófí me, ach chuaidh mo dhréim in aisce: bhí mo dhóchas in aistear. Mo chómhairle dhuit fanacht uatha san, droichdhream seadh iad chun bheith ag dréim leó: ag déanamh teasardhan eatartha.

dréimeach: *a.* do thabhairt iarracht, tástálach, dícheallach. Fear budh dhréimighe chun an tsaoghail budh dheacair d'fhagháil, do shíor ag iarraidh é féin d'fheabhasughadh: dícheallaighe. Dá mhinicighe theipfeadh air ní bheadh aon dochma air tástáil airís, bhí an mianach dréimeach ann: d'iarraidh dul chun cinn.

dréimire: *f.4.* gléas chun turgabhála do luathughadh, déanta de chéimibh sáidhte i dhá dtaca – ceann ar gach taobh, de ghnáth d'adhmad. "Ghaibh me suas an bóithrín a's ghaibh me anuas an bóithrín agus thóg me an bóithrín ar mo dhrom?" (tómhas) – "dréimire". Siubhalóchair an dréimire fós: crochfar thu. An beagán talmhan atá agamsa, tá sé 'n-a dhréimire amach trí thalamh an bhodaigh: 'n-a stráice garraidhthe.

dréimneach: *a.* áirleógach, éirimeamhail, uaillmhianach. Scríobhnóiridhe dréimneacha ghá fhéachaint lé chéile céaca is fearr saothar: i gcomórtas dian. Cómhachta dréimneacha ag canntáil talmhaintidhe lasmuigh ar a chéile fáth a ndul chun cogaidh: mianmhar ar leathanughadh fútha.

dréimreach: *a.* trillseach, lúbach, fada. Folt dréimreach léi go sáil: ag tuiteam go crathach 'n-a scáintibh fada mar bheadh taobháin dréimire. Duileasc dréimreach go raibh faid do ghéige ann: líomhtha, fada, scáinteach. Do charnfholt craobhach dréimreach, 'n-a shlaodaibh: 'n-a shrathaibh.

dréir: (**do réir**) mar, cosamhail le, aontadh, teacht le. Dréir dreama eile is ón Spáinn do tháinig ár sinnsear: mar shuidhid nó eachtraid. Dréir an tómhais seo níl an mheádhachtaint cheart ann: i gcóimhfhreagaracht. Dréir na dlighe níl sé ceaduighthe na tighthe tábhairne bheith oscailte ach ar thráthaibh áirighthe: mar tá reachtuighthe. Dréir Dé a's duine b'é a cheart an talamh do thabhairt do chlainn an fhir gur bhain sé dhe é: i ndéanamh an chirt mar b'áil lé dlighe Dé agus comhthrom daonna. Dréir cosamhlachta buadhfaidh ár ndream-ne an cluiche seo: taidhbhsigheann gur leó an imirt má leantar di mar táid anois. Dá réir sin ní bheidh "dubh iongan" agam-sa lé fagháil: má bhíonn go deireadh siar mar tá anois bead-sa ar an gcaolchuid. "Bíodh do thrócaire orainn, a Thighearna, dréir mar tá ár ndóigh ionat" (Sailm XXXIII. 22) .i. a bheag nó a mhór. Is fada gur dhein sé dréir Dé, ní ag tabhairt aon bhreithe air é: gur chóimhlíon teagasc Dé. Lán mo bhaise ní dhéanfadh sé dem réir (riar): mar chomhairlighim do nó mar thugaim solaoid do. Teasbáineadh dom connus mar is ceart an obair do dhéanamh agus déanamh dréir go mbeadh agam: mar síneadh amach dom. Dréir a chéile do cuirtear an t-uisce ar an mbarracht: in-a chuid a's 'n-a chuid: in ionannas: go riartha. Deineadh gach aon rud i gceart dréir mar órduigh an t-oifigeach: díreach mar ráidh sé. Dréir na taoide thiocfadh áthrach mór trom aníos leis an gcaladh .i. nuair bheadh an t-uisce árd a dhóthain di ar líonadh. "An raghfá ann?" – "dréir mar bheadh" .i. má oireadh nó má bheadh caothamhail. Lean dréir an líne sin a's ní rachfair cam: congaibh i bhfreagracht di. Dréir na céille a bheadh aige dhéanfadh sé airgead do chur i gcrích: dá mbeadh ciall agus fuaimeant a dhóthain aige chun cnuaisciúin. Déin dréir do choinsiais: mar tuigtear id chroidhe is it aigne ar mhaith.

dreóghaim: (**dreódhaim**) *b.a. agus n-a.* feóighim: críonaim, seargaim, lobhaim. Dhreóigh an t-adhmad leis an aois agus d'imthigh 'n-a smúit: bhrioscuigh sé. Dreóghann mainís agus bóiléagar na ndaoine sin mo chroidhe istigh: clipeann siad é an oiread san go measaim gur cheart do tuiteam as a chéile. Gan tarradh do chur ar bhun an chuaille sin dreóghfaidh sé sa talamh: lobhfaidh sé agus tuitfidh as a chéile. Dreóghfaidh an teine a's raghaidh sé in éag: caithfidh sí. Na cnámha san annsan sa Teampall Bán ó mharbhadh Dhúna an Óir a's féach nár dhreóghadar fós: nár thuiteadar as a chéile lé brisce bheith fé thalamh.

dreóghacht: (**dreódhacht**) *b.3.* lobhthacht, feóchadh, meathadh, trothaltacht: morgughadh: truailliughadh, atharrughadh ar olcas ar aon rud. Dá fhaid bhí na cnámha sa phortach ní tháinig aon dreóghacht ortha, bhíodar chómh folláin leis an lá cuireadh iad: meathadh: brioscughadh ná lobhthacht. Tháinig amach as an gcneadh lán cuirn de dhreóghacht: othar. Fuarbholadh ón uaigh lé dreóghacht na gcómhrann a's na gcorpán: trothaltacht: a dtuiteam as a chéile lé lobhthacht. Dhein "snaois" den éadach fé thalamh lé dreóghacht nuair fuair sé solas a's aer: lobhthacht.

dreóighte: (**dreóidhte**) *a.r.* feóidhte, truaillighthe. Adhmad dreóighte sa staighre gur thuit sé as a chéile. Mo chroidhe go dreóighte ge saoghal dian: caithte. Carnán dreóighte chnámh ár sinnsear sa roilig sin istigh: imthighthe 'n-a mionbhruin lé haois a's lobhthacht. Ubhalla saidhbhre budh gheairrid go rabhadar dreóighte nuair ná raibh gaoth aca. Na dathanna dreóighte ann le haimsir fhada: feóidhte.

dreóighteacht: (**dreóidhteacht**) *b.3.* lobhthacht, feóidhteacht: fuarbholadh: laitighthe, tais. Tuigidhe go dtáinig dreóighteacht ortha fén sín, ná lúbfadh: chaill a smuirt leis an bhfliúchán. Nuair rugas idir mo mhéireanntaibh ar an gcnámh a's leighidh sé eatartha lé dreóighteacht: cnaoidhe lé seandacht: brioscughadh.

dreoileacán: *f.1.* suarachán beag. Dreoileacán mar thu ní smearfainn mo lámha leat: truaghán ná féadfadh aon tseasamh do dhéanamh liom.

dreóilín: *f.4.* éan beag, deaghaithnid: truaghán (duine): "rí na n-éan". "Trí chéile, a chlainn", ars an dreóilín ar theacht don dtóir d'fhonn a's ná haithneófí an seancheann ón gcuid eile (b'ionann iad i dtoirt). Má ólaim a thuilleadh bead "im dhreóilín spóirt" gen saoghal mór: im cheap magaidh: sluagh im dhiaidh, mar bhíonn i ndiaidh an dreóilín". Méadughadh ort", ars an dreóilín nuair dhein sé a mhún sa bhfarraige!!! "Fiolair a dhreóilínidhe sin" (rádh): gach aon rud dá luighead aige bíd an-thoirteamhail dá réir féin.

dreólán: *f.1.* ceolán (i gConnacht): duine go n-iomad cainnte ar bheagmhaitheas. Is mithid duit tart a bheith ort, a dhreóláin, éist, tá na daoine dóighte agat: duine go mbeadh bhriollabhrealla aige 'n-a shians.

dríbeóg: (**draoibeóg**) *b.2.* baineannach neamhghasta: liobóg neamhghlan. Ní maith an tigheasach dríbeóg: bean neamhghasta, neamhghlan bíonn n-a drochmhnaoi tighe. Ní dhéanfadh an saoghal bean bhreágh de dhraoibeóig.

drilseach: *a.* gluardha, solasmhar, glioscarnach, ruithneach, lonnrach. Soillse drilseacha na cathrach is mór an sughadh atá ionta do dhaoinibh óga: solasmhara: go solas ag teacht go geal ar aitreamhaibh. An ghealach go drilseach trís na scamallaibh go bhfeicfeá an frighe do bhaint ar thaobh an bhóthair: ag teacht 'n-a gathaidhibh láidre, solasmhara. An gléas drilseach a bhí i ngloinnidhibh a's i mbuidéalaibh an tábhairne fén solas aibhle: lonnradh gléasmhar, láidir ag teacht uatha.

dríodar: *f.1.* iardaighe aon lachta, fuighleach, deascadh, moirt: díg. Ar mhaith leat mo thuairm-se ort? – dríodar na bhfear: díg. Leis an íota a bhí orm d'ólas an mornán go dríodar!: síos isteach go tóin. Dar fiadh, nuair chuadhais ghá thoghadh ní hé an dríodar gur leagais do shúil air: an rud budh mheasa. Baintreabhach seadh í, ní bheidh dríodar aonne agam .i. an bhean a bhí ag fear cheana. D'imthigh an bád ó dheas le fíor-dhríodar aithbhe: "earball" beag, earbaillín. Oidhche go raibh dríodar den ré ar an spéir: cuid anbheag: "earbaillín ré". Beag an meas atá orm-sa, an áit go mbíonn an roinnt fágtar ar an ndríodar me: an drochfhuighleach ná geóbhadh neach leis. An bhfuil aon dríodar ar thóin do phípe?: oiread agus go mbainfí "gailín" as. A lithéid de thigh, gach aon dríodar riamh bailighthe isteach ann: gréithre gan tairbhe. Beir do chuid cainnte leat chun duine éigin eile, ní haon dríodar cinidh mise agat, ach fear mórdhálach: cineadh a bheadh ag tréigean. Béarfair dríodar lae abhaile leat ach cur ar na cosaibh: beidh fíorbheagán de gan caitheamh. Thóg sé dríodar an tobair san árus: an salachar a bhí thíos ar a thóin. Fág an dríodar féin agam: beagán éigin.

dríodaráil: *b.3.* breis bheag agus an dríodar. “An bhfuil aon ghaol agaibh lé chéile?” – “dríodaráil”: gaol i bhfad amach. Bhíodar ag déanamh dríodaráil cleamhnais: saghas. Beidh dríodaráil éisc againn dréir mar chaithfidh an oidhche: oiread agus nách ceart gearán air lé n-a luighead. Cuarduigh féachaint an bhfuil aon dríodaráil ar thóin do phóca: rianán i ndiaidh na breise bheith caithte. Gheibheann sé dríodaráil oibre fothuair, oiread go maireann air go holc: beagáinín anois agus airís. Dar ndóigh, ní mór an mhaith anois ann ach go ndéanfadh sé dríodaráil: ádhbhairín éadtrom. Briseadh me mar nár thaithnigh mo dhríodaráil leo: an obair gan éifeacht a bhí agam dhá dhéanamh. Tréis ar chaith sé d’fhan dríodaráil airgid i ndiaidh a bháis: ádhbhairín: “salacharáil”. Tréis na dríodarála go léir ní raibh faic aige dá mhéid amhras a bhí air: d’aindeóin an méid gnóth go raibh a lámh ionta bhí sé ar bheagán.

dríodarnach: *b.2.* lacht téachtuighthe. Ghaibh dríodarnach fola amach tríd an bhfáisceán a bhí ar a mhéir: fuil théachtuighthe, bhrúighte. Rinne dríodarnach den mbainne leis an dteas: dhein gruth dhe.

dríodartha: *a. n-dh.* a bhaineas lé dríodar. Chuirfeadh sé déistin ort ag ól dighe dríodartha: fuighleach na ngloinnidhe bailighthe i bhfochair a chéile.

drisín: *f.4.* an phutóg mhór i gcaoire nó i ngabhar. Putóg lé n-itheadh (lán).

drísle: *f.4.* cúb, compar dhlúimh agus sé cearnóga cóimhméid air: imirthear lé dhá cheann aca. B’áit liom é do leagadh ar bhóthar a bhí ar nós an drísle: réidh, sleamhain mar bhíonn a cliatháin. “An ndeaghais dian air?” – “chuadhas go hurchar mo dhrísle air!” (rádh coitcheann): go crios (beilt) an chloidhimh. Tá sé ar a dhrísle: ar chinneamhaint: lé hádh éireóchaidh leis.

drithle: *b.5.* úirlis chun poll do dhéanamh trí aon tsaghas ruda go mbeadh dus ann: gruadhchaol (cuirtear meacain etc. ionta): fearsad (ghainimhe). Drithlidhe gainimhe seadh tón an tSáis (lúb fharraige ar an dtaobh thiar thuaidh de Chnoc Bhréanainn): iomairidhe beaga caola mar chídhfeá ar an dtráigh. Drithleanna neamhchúmtha go raibh cor isteach ’samach ionta de dheascaibh droichthreabhadh. Leis an séideadh a bhí ges na builg ar an dteallach bhí drithleanna ag léimeadh ar fuaid na ceárdchán go bhfeicfeá a raibh innte leó: spréacha croidhearga, teó. Ní phollfadh do dhrithleanna ím mar ná fuil fadhairt ionta: uirlisidhe tolltha. Is ar a cuid éadaigh a bhí na drithlidhe: sligirnínidhe go raibh solas ionta lé mianach.

drithleach: *a.* glioscarnach, solasmhar, lonnardha, ruithneach. B’é an seómra drithleach é fé n-a shoillsibh gluardha agus éadaighe na mban rinnce ag spréacharnaigh: solas iongtach ag glioscarnaigh ar sheódradh na saoithe. Thabharfainn mo lá a’s mo shaoghal ag amharc amach ar an muir dhrithligh lá ciúin a’s an ghrian ag taithneamh uirthe: na miontonna mar buinn airgid fén ngréin. Fíon drithleach dhá líonadh chúcha i gcornaibh: dealánach: mar bheadh solas spreach aige nuair ritheadh sé.

driuch: *f.3.* cuma bhreóidhte, leice; grainnc; cuma na “circe báidhte”. Go saorthar sinn! féach an driuch atá air ó bheith ag tuiteam ’sag éirghe sa draoib: salach, fliuch, barcach.

An driuch a bhí air ó bheith cois claidhe tréis na hoidhche, an sileadh sa mhuineál air: an chuma thruaillighthe. Mo thruagh, a's budh mhór an truagh é, tá driuch an bháis air: an crot a thuaras an bás. An íde atá ort! cuir ort malairt éadaigh a's cuir malairt dreacha (driucha) ort féin: cuma ná beidh claoidhte. An driuch a chuireann sé air féin chugham chun eagla do chur amach mar dheadh: na cumaidhe: scaibheanna.

droch-adhbhar: *f.1.* mianach nó déanmhas gan mhaith. Is tú an droch-adhbhar fir: an déanmhas: an mianach fásógach ná beadh geallamhnach. Droch-adhbhar capaill .i. searrach nó bramach ná beadh de chlódh air go bhfásfadh 'n-a chapall mhaith. Droch-adhbhar culaithe seadh an t-éadach san: an "stuif". Droch-adhbhar teine móin fhliuch: an rud bunaidh. Droch-adhbhar seadh thu, ní bheadh aon bhaint agam leat: droichmhianach: duine nách féidir muinghin do bheith as. Bhris crann iomchair an ghluaisteáin gan puinn ionfairte, nár bh'é an droch-adhbhar é?: an rud gan dus. Droch-adhbhar tairbh, etc. etc.

droch-adhbhar: *f.1.* othar gránda, olc. Lannsáil an dochtúir an chneadh gur tháinig éacht droch-adhbhair aiste: brachadh.

droch-ádhmharach: *a.* gan aon ádh: gan deighchrích. Thuit slinn ó cheann tighe air a's mhairbh scun scan ar an dtoirt, nár droch-ádhmharach é: gan aon rud fóghanta 'n-a chóir. Long droch-ádhmharach go n-éirigheadh mísheól éigin di gach turas do chuireadh sí chun farraige: long go raibh an chinneamhaint os a chionn do shíor. Budh dhroch-ádhmharaighe dhuit cos do chailleamhaint ná lámh: budh mhó de dhochar é.

droch-aicíd: *b.2.* galar an-olc. Droch-aicíd seadh aon aicíd thógálach: scannruightheach, díoghbhálach: eaglach. Go gcuiridh Dia droch-aicídidhe na bliadhna tharaibh (guidhe).

droch-aigeanta: *a. n-dh.* spídeamhail, anchroidheach, cealgrúnach, míorúnach, droich-mheónach, falanta. Mórchuid de dhaoinibh an tsaoghail chómh droch-aigeanta go mbíd in éad leis an té go mbíonn an rath air: inntin olc aca fé mhaith chách: b'fhearr leo díoghbháil an duine thall. "Tuilleadh 'en diabhal chuige", ar seisean, ar chlos do gur báthadh mac cómharsan, nár dhroch-aigeanta an duine é?: aigne shásta aige fé olcas dhuine eile. Éad agus formad féd bhail agus sástacht féd dhochar a bhíos ag an ndream droch-aigeanta: an aicme gur bh'fhearr leó an t-olc 'ná an mhaith.

droch-aigne: *b.4.* droichmheón do chothughadh do chách: míothoil: míorún: olc. Ag cothughadh na droch-aigne dhom gur agair sé orm í nuair fuair an lom: an t-anchroidhe go raibh an díoghbháil istigh ann. Lé corp droch-aigne bhuail sé as mhaoil an bháidhe me gan chúis gan adhbhar: an mhotháilt olc a bhí ar iomchar aige dhom. Cóimhéilightheóiridhe ar an gcailín céadna iad, agus mara bhfuil droch-aigne aca dá chéile ní lá fós é: míorún: é 'n-a smaointibh dá chéile bheith ag guidhe an uilc: urchóid.

droch-aighneas: *f.1.* ⁊ *3.* teallaireacht: gearr(a)-aighneas: táthaireacht, gearr(a)-bhéal: drochmhúineadh, cainnt nó óráid gan bhrigh, gan fuinneamh. Ainm fén spéir níor fhágadar gan a thabhairt ar a chéile, thairngeadar an tuile thar a chéile, droch-aighneas ó thóin ceann dob eadh é: cainnt dhrochthagarthach, tharcuisneach. Ar luigheadughadh luacha an tobac b'é fáth mórán droch-aighnis ina lia teaghlach: argóint agus giorraisc:

gach re seadh go dochaiseach. Míneacht a's lághaicheacht atá uaim a's ní droch-aighneas: teallaireacht: freagra mío-mhúinte. Thug sé an-dhroch-aighneas dom: easonóiridhe go tiugh. Faid atá aithne agam ort ag cainnt go poiblidhe sid é an chéad droch-aighneas uait, ní fhéadfadh aonne suim do chur ionat. Tinn t'fhiafruighthe ort! má iarrair faic de, mar ná faghair ach droch-aighneas: freagra míothaithneamhach: giorraisc chainnte.

droch-aighneastóir: *f.3.* cainnteóir gan mhaith, neamhlíomhtha, neamhghonta. Níl aon ghnóth ag droch-aighneastóir mar mise dul chun cinn cuinge do choimeád le fear go bhfuil a theist anáirde: mise nách féidir liom cainnt do chur díom go pras, eólgaiseach. Árd scríobhnóir ar fad dob eadh Art Ó Gríobhtha ach tuigtí do mhórán gur dhroch-aighneastóir é, cé gur bh'fhíor-bhlasta lé léigheamh an nidh a deireadh sé: droch-uchtach aige.

droch-aimsir: (**d-aimsear**) *b.2.* droch-shaoghal maireachtana, dian-shíon, farraige fhiadhain, gharbh. An droch-aimsir go leanaidh thu: an mío-ádh it earball! Tá sé imthighthe anois, ní mór linn do é, go n-imthighidh an droch-aimsir leis: gach aindeise 'n-a bhóthar. "Cad é an saghas aimsire a bhí agaibh?" – "go holc ar gach cuma; bhí fuacht a's báisteach, droichbhiadh agus táille mór ghá leanamhaint". Ní raibh aon droch-aimsir ar an gcóisir in ao'chor againn, ar mh'anam-sa san: do dheineamair sinn féin d'aoibhneas ar ár dtoil. An droch-aimsir a tháinig ar an luing mhóir chuaidh sí anáirde go leath na gcrann: uain (uanacha) mhór, throm fharraige. Buidheach 'o Dhia, tá an droch-aimsir imthighthe ó Éirinn: an saoghal olc, diachrach. Is iomdha droch-aimsir curtha aige dhe .i. farraigidhe olca nó deacracht maireachtana.

droch-ainm: *b.2.* drochcháil, ainm tharcuisneamhail, easonórach: ainm gan mhaith. Ar mh'anam nách aon droch-ainm ar an gcoin sin Sceólaing: oireann an ainm go maith dhi mar is cú mhaith í. Ní dóigh liom gur droch-ainm "tarradh fionn" ar "creosote" as Gaedhling: go n-oireann do "chómh gleóidhte agus dhein in aon tsaoghal riamh". Thug sé striapach uirthe agus gach aon droch-ainm budh náirighe 'ná a céile: ainm easonórach. B'uaigneach lé haonne gabháil san áit iargcúlta chéadna i gcorp an lae ghléigil ghil leis an ndroch-ainm atá air: é de theist air go bhfeictí samhladhtha a's púcaidhe ann. Ní raghair ar iontaoibh bruighine leis, bhí droch-ainm na scine air: gur bheag aige áis do bhaint as sciain. Thaithigheadh sé tighthe droch-ainme a's níor fhan meas ag aonne air: drúiseamhla: corbacha. Ní bheinn ag tabhairt droch-ainme orm féin leat: baint leat go gcaillfinn mo cháil. Is mór gurb uaisle dhom neamhthor do thabhairt ort.

droch-áird: *b.2.* droichchrích: tubaist: mío-ádh. Aon droch-áird nár imthighidh ort, a dhuine (an) chroidhe istigh, mar budh mhór an truagh san: aon iomard: tubaist. Droch-áird ort! mar pheann maran olc do scríobhair: mío-ádh. Ná bac an droch-áird pé rud é: pé rud a imtheóchadh ar dhuine ach gan a dhíoghbháil do dhéanamh b'fhusaide é. Bí aireach, mar tá an droch-áird riamh ort, nó is tinn duit: cinneamhaint na díoghbhála os do chionn. Droch-áird air, seo dhuit é, cad is fiú agamsa é: árduigh leat é, a's ná bíodh a thuilleadh buaidhrimh 'n-a thaobh. Droch-áird ar an sionnach a árduigh mo géadhanna leis: breith air go ndéintear: go ndíolaidh sé as. Is gearánach do bítear ar ár n-aiste annso, ach cuirimis sinn féin i gcómhnáird leis an ndroch-áird atá ar an bPólainn, claoidhte,

pasálta, mímhisnighthe: an aiste mhío-ádhmharach. Ós ghá innsint do dhuine mhuinnteardha é, níl orm ach droch-áird: an saoghal go holc agam.

droch-áis(e): *b.2.* earraidheacht gan mhaith: bodachas: míbhéas: neamhchomaoin: drochmhaitheasacht: míogharacht: neamhthaise. An té a bhaineas droch-áis as a chuid tugann a chuid droch-áis dho: an té a leigeas nó a chuireas a chuid ar chuma mhícheart "beidh thiar air". Dá mbeadh sé gan an méid a thuill 'n-a óige do chur chun aon droch-áis bheadh a dhóthain i gcóir an "lae chruaidh" aige ach ní sin mar dhein, ach "gaoth do thabhairt do". Chun droch-áis do chuireann duine a shaoghal ná saothruigheann don anam: in adhmanas gan tairbhe. Dá mhéid maith do dhéanfí dho ní bhfaghfá uaidh ach an droch-áis, is beag dá chuimhne do bheadh aige ná fonn a chúitimh: neamhthaise: ceal béasaidheacht. Ó, a mhaonach (buidheanach), ná bí ag súil lé faic uaidh ach an droch-áis: neamhmaitheas agus míomhúineadh. Nách é go bhfuil an droch-áis ann ná déanfadh teachtaireacht bheag dom ó tá "a chos ar an mbóthar": neamhfhéicheamhantas: gan déanamh na comaoine. Baineadh (cuireadh chun droch-áise) droch-áis éigin as an sciain bhreágh so a dhein meilit mhaol, mhanntach di: cuireadh in adhmanas dhíoghbhálach í.

droch-áiseach: (**droch-áiseamhail**) *a.* neamhmaitheach, neamhthairbheach: neamhchomaoineach, neamhthais. Is droch-áiseach an rud dom scata leabhar do bheith agam, agus gan me ábalta ar iad do léigheamh: neamhthairbheach. Me d'eiteach do dhein sé ar iasacht casóige, nách droch-áiseach an mac é: neamhmaitheach: gan maith ná tairbhe ar a láimh. Rinne sé droch-áiseach a dhóthain ort é gan síob do thabhairt duit a's slighe aige: neamhchineálta: neamhlághach. Eatartha féin atá sé, ní fheadar céaca is droch-áiseamhla, ach nár airigheadh riamh go ndearna neach aca maith dá chóimhchréatúir: drochnádúrdha.

droch-áiseacht: (**droch-áiseamhlacht**) *b.3.* neamhmaitheas, neamhthairbhe, neamhthaise, míonádúrdhacht. Tá an droch-áiseamhlacht ann: an meón chun gan maith ná comaoin do dhéanamh. Chaitheas uaim í lé n-a droch-áiseacht, mar ná raibh gnóth ná cúram agam di: ceal caoi feidhme do bhaint aiste. Droch-áiseacht an tighe atá ag teacht 'n-a choinnibh, toisc é do bheith chómh fada ón mbóthar rianta a's ó bhualadh daoine: a aistearacht: a dhroch-dhóigh ionaid. "Barra méire ní chorróchadh" sé chun do chónganta lé n-a dhroch-áiseacht: meón chun míoshásta do chur amach.

droch-amhantar: *f.1.* droch-ádh, mísheól, matalong. Droch-amhantar a's ní mo dheasca féin budh bhun lem bhochtnughadh, mar dheineas mo chroidhe díchill d'iarraidh na tubaiste do sheachaint: mío-ádh: mísheól. Cialluigheann an driuch báidhte atá ort droch-amhantar éigin: go bhfuil rud éigin bunoscionn tuitighthe ort. "Bascadh go dona é" – "tá an droch-amhantar riamh n-a dhiaidh": an droch-ádh: cinneamhaint ar a lorg do shíor. Lé droch-amhantar do bhuail sí ar an bhfochais aonair tréis ar chuir sí d'áiteannaibh millte, achrannacha dhi: mísheól.

droch-amhantarach: *a.* mío-ádhmharach, tubaisteach, cinneamhnach. Líon tighe droch-amhantarach go mbíonn iomard nuadh in aghaidh an lae ortha: gan righe, gan rath. Garsúin droch-amhantaracha nár éirigh lé haonne aca riamh fé scrúdughadh:

neamhéirightheach. Turus droch-amhantarach dóibh dob eadh é ar lorg an óir tréis a raibh aca do chur i gceannach fearais: faic de bharr a nduaidh ní raibh aca.

droch-amhras: *f.1.* amhras olc, neamhleagtha: drochmhuinghin: machtnamh go holc gan adhbhar ceart. "Bíonn an droch-amhras orm", ars an gadaidhe, "táim glan ar an gcoir seo, cuarduightear me": droichiontaoibh gur me atá cionntach. Ní bheadh aon droch-amhras agam as an ndream san, tá cuma d'fhearaibh maithe ortha: bheadh m'aigne réidh go ndéanfaidís an bheart. Ná tabhair faic lé rádh do lucht an droch-amhrais: an dream a cheapas an t-olc, nó do chách de ghnáth. Tréis an mharbhtha caitheadh droch-amhras ar dhuine áirighthe toisc an airgid go léir a bhí aige nár ghnáth leis: tuigeadh gurb é a dhein an choir. An droch-amhras i gcómhnaidhe ag an té go mbíonn an droch-amhras air: an té a dhéanfadh nidh as an slighe nó ná déanfadh maith, dar leis go mbíonn cách mar é.

droch-amhrastamhail: *a.* droichiontaoibheach, drochmuinghineach, ar dhóigh aigne ná tárlóchadh faic chun maitheasa ná dóchas do bheith as aonnidh. Toisc teist na gadaidheachta do bheith orm bítear droch-amhrastamhail orm nuair imthigheann an tsluid: is mor do sprioctar bheith cionntach. Bíodh aon rud ar iarraidh ón té a bhíos droch-amhrastamhail agus lom láithreach cuireann i leith gadaidheachta é: ar an aiste aigne ná taidhbhsightear macánta dhi. Imtheachta droch-amhrastamhail do Shasanach fé láthair a fhagháil san Almáin: machtnófí go tapaidh gur spiaire bheadh ann: a mhachtnamh cionntach gan deimhniughadh cinnte. Bheinn droch-amhrastamhail ar aon scéal as a bhéal, mar is annamh riamh do fuairtheas faic 'n-a dhiaidh ach an t-éitheach: ní bheinn in ao'chor deimhnightheach d'fhírinne a ráidhte: ní dhéanfainn "talamh slán" díobh. Bíonn daoine droch-amhrastamhail ar an sionnach má imthigheann éan tighe: is air a cuimhnightear bheith cionntach ar an dtoirt.

droch-anál: *b.2.* droichshéideán aoir isteach 'samach ós na scartachaibh: boladh do bheith uaithe; cumas claon. Ina óige bhí sé chómh deaghbhéasach a's b'fhéidir d'fhagháil ach chuir cómhluadar na hurchóide droch-anál fé go ndeárna coirptheach críochnuighthe dhe: spriogadh olc. Ní maith an féirín an capall san agat tá droch-anál aige: giorradh nó briseadh anáile. Fan amach uaim léd dhroch-anáil tá gáirleóg ithte agat: anál go mbeadh boladh láidir neamhchumhra uaithe. Déin rud orm agus seachain é, ní fearrde thu a dhroch-anál: is baoghalach a chómhluadar nách iondúilighthe go dtreóróchaidh ar bhealach t'aimhleasa thu.

droch-aradhnach: *a.* gan foidhne, míoghnaoidheach, neamhfhaidteadhlach, grod, tapaidh: míoshuaimhneasach: beagfhuilngtheach: rúiseach. Thairng sé a lámh de thapaidhean ón ndochtúir agus eisean ag baint deilg aiste; "nách droch-aradhnach an duine thu", ars an dochtúir: gan fulang: gan fonn fuilng. Gabha droch-aradhnach go gcuirtí buile air dá stracadh capall a chos uaidh a's é ag cur crudha fé: gan ruthag: lasadh sé "ar nós an tsuip". Is gnáthach an té a bhíos faillightheach droch-aradhnach: na daoine ná bíonn riar cóir a ngnótha ionta is furaiste iad do ghriogadh. Tabhair srian don mianach droch-aradhnach san, agus ruagfair do cháirde: mianach an-fhuraiste do chiapadh: do ghriogadh: "cur fé".

droch-aradhnacht: *b.3.* neamhfhoidhne: neamhfhonn fulangtha: míoghnaoidheacht. Do dhroch-aradhnacht féin fáth do bhasctha: ceal foidhne agus réamhaire. "Feall ar iontaoibh" dul i leith a ndroch-aradhnachta maidir lé bheith ag déanamh seóidh leo: gan fulang an ghrinn ionta. Drochchomhluadar droch-aradhnacht: an meón nó gnaoi do-ranna, ní maith ag duine é. An droch-aradhnacht atá ionam cuireann orm bheith an-leóchaileach do thinneas: lagpháis: faitchíos mothála.

droch-bhail: *b.2.* díoghbháil, dochar: crích (críoch) olc: aiste nó áird gan mhaith. Cad eile atá air ach droch-bhail ná "feicfeá an ghaoth 'san ghrian tríd": bocht, lom, tanaidhe. Droch-bhail do dhéanfaidh fliuchán a's fuacht duit: díoghbháil sláinte. Droch-bhail go raibh ort! (drochghuidhe): olc go dtárlaidh dhuit. Pioc drochbhaile ní néann, chun a ithte, min do chur trí phlúr: díoghbháil: cur siar. D'imthigh an droch-bhail air, fuairtheas marbh ar an sráid tréis na hoidhche é: droichchrích: íde ghránda. Buidheach 'o Dhia, ní dheaghaidh aon rud riamh a itheas chun mo dhrochbhaile: chuaidh mo chuid bídh síos liom.

drochbharamhail: (**drochbharamhal**) *f.1.* tuairm olc, tuairm gan mhaith, gan eólas, meas beag. Má tuigtear duit gur olcas atá i ndán don ndúthaigh agus an saidhbhreas atá istigh 'n-a crioslach is oth liom a chasadh leat gur drochbharamhail é: tuairm ná baineann eolas léi. Drochbharamhail mo bharamhal-sa chun an tsaoghail ar an té ná bíonn críochnamhail: breith m'inntine dréir mo thuigseana. Baintear drochbharamhail as an méid áthrach atá dhá shúngcáil: tuigtear as go mbeidh biadh gann nó easbhaidh éigin ar an gcoitchiantacht dá bharr. Drochbharamhail, im thuigsint-se, dob eadh an bhean do chrochadh mar ná raibh go leór fínéachta 'n-a coinnibh a dhearbhóchadh san: breith bhacach. B'fhearr liom fanacht im thost, mar ná beadh agam ach drochbharamhail: tuairm ná beadh bunuighthe ar fhuighleach eólais a dhearbhóchadh mo bhreith.

drochbharamhlach: *a.* drochthuairmeach, droichbhreitheach. "Tá rud éigin sa phóca san nách leat féin" – "nách drochbharamhlach an duine thu": claon lé rud "do chur i leith" gan tacaidheacht ná faisnéis. An-dhrochbharamhlach ar an gcogadh táim, mar nách cliste ar imtheachtaibh dá shaghas me: tuairm gan fuaimeant atá agam. Éagcóir throm bheith drochbharamhlach ar chómharsain: breith "roim ré" nó beagmheas gan dearbhacht. Captaen drochbharamhlach a sháthadh a chuid fear in aon chonntabhairt gan taiscealadh, gan féachaint roimis: gan fuaimeant: gan breitheamhantas cur a's cúitimh toradh a ghnímh.

drochbhlas: *f.1.* táir, tarcuisne: blas gránda. Tréis a ndeárna dhóibh – is dócha gur toisc a ndeárna é – níl aca orm ach drochbhlas, gan bhladh gan bhuidheachas: beagmheas: "ní lugha leó an sughadh 'ná mé": "ní fhéachfaidís siar orm". Beidh drochbhlas choidhche air, agus ní hiongadh san, nár shaor sé an té d'fhéadfadh sé: beagmheas nách féidir do mhaitheamh choidhche. Cuirir drochbhlas im bhéal bheith ag éisteacht leat: tá mothóilt agam go bhfuil rud éigin suarach, táir léd chuid cainnte: cuirir "casadh im aigne". Drochbhlas ar bith ní bheadh orm-sa dá mbeinn gan bac leis agus mo chúram féin d'aire: ní bheadh an mhíobhuidheachas orm. Guth ar bith ní bhfaghaidh sé mar tá drochbhlas ges na daoinibh air toisc bheith "síos suas" leis an "uaisleacht": mío-thaithneamh. Tabharfaidh an fhuarghaothach drochbhlas ar an bhfeóil úr: mídheas.

drochbhlasta: (**drochbhlastamhail**) *a.* míothaithneamhthach don dteangain a's don gcogansaigh, mímheastamhail, tarcuisneach. Is drochbhlasta an meas atá ag Hitlear ar an gcinidh Ghiúdach: tarcuisneach: gan "meas madra aige ortha". Labhair an sagart go drochbhlasta ar an bpobal toisc gan a sraith bheith tráthamhail go ndubhairt gur mheasa iad 'ná págánaigh: go táir: níor choigil sé an teanga ortha ghá lochtughadh a's ghá n-ithiomrádh. Is drochbhlasta leis na daoinibh mar agarthóir a gcirt é chun é do chur 'on Dáil: dar leó ná féadfadh a gcúrsaidhe do thagairt go maith.

drochbholadh: *f.* (*–dhtha*) boladh olc; cáil olc; ar dhóigh gur misdide teangmháil leat. Fan amach uaim! tá drochbholadh uait: ní hiontugtha baint do bheith leat: ní fearrde neach tú do theacht in athchomaireacht do. Is beag a labhrann leis, tá an drochbholadh uaidh: cáil olc. Bíonn drochbholadh gránda ó iasc nuair "thagann fé". "Gheibhim drochbholadh annso": déarfadh duine ar teacht i láthair cuideachtan faltanais do nó go mbeadh sé deimhnightheach go mbeithfí "ag cur síos air" roim theacht do. Ní drochbholadh atá uaidh sin? ní ag fagháil lochta air atáthar, an eadh? "An drochbholadh atá uaidh?" deirtear le seanbhlas le duine go mbeadh míofhonn air rud do ghlacadh nó do dhéanamh.

drochbhraon: *f.1.* braon olc, gan mhaith, drochfhuil, dúthchas nó tréith olc. Cuireann an capall stailc suas mar tá an drochbhraon ann: an tréith olc san ann ón láir nó ón stail gurb as é. Lán babhla de dhrochbhraon amach as an gcneadh: othar gránda, neamhdheas. Mar mbeadh an drochbhraon do bheith ann ní bhuailfeadh sé bean: síog droichmhianaigh: fuil neamh-uasal. Chuaidh sé chun tárrthála duine iasachta ná raibh gaol ná cómhgas aige leis i ndrochsháthadh dho féin, nách é ná raibh an drochbhraon ann?: an fhuil an-uasal: an fhuil nó an mianach a bhí in easbhaidh misnigh. "Scéidh sé orainn" – "ó, cad dhéanfadh an drochbhraon": budh dhual do san do dhéanamh.

droch-bhrúcht: *b.3.* drochbhróin, dlúimh nó scailp scamall agus droch-dheallramh uirthe; úirleacan salach; tonnadh as an ngoile. Féach air sin de dhroch-bhrúcht, ní bheadh a lithéid ach tréis madra: biadh úirleacuighthe (úirlicighthe): úirleacan gráineamhail. Ar fóghnamh ní féidir leat do bheith agus an droch-bhrúcht san asat: an tonnadh gránda gaoithe san ag fuarmáil id chliabhlach. "Cuireann an iomad éisc guirt droch-bhrúcht agat", ars an dochtúir: gaoth a's neamhdheighleáil bídh. Tháinig droch-bhrúcht thiar aige gur dhoirchigh an spéir "ná feicfeá an té a chuirfeadh méar id shúil": bailiughadh trom scamall. Droch-bhrúcht sneachtaidh nár fhág eólas casáin ná bóthair: tuiteam mór. Droch-bhrúcht fharraige a líon an cuas a's chuir "uisce go féar glas": uain áidhbhéil.

droch-bhrúchtghail: *b.3.* tonnadh gráineamhail gaoithe (goile); drochbhróin (sín). Mheath toradh na gcrann leis an ndroch-bhrúchtghail bháistighe: iomad trombháistighe. Ní fhéadfadh sé bheith i sláinte mhaith ar an ndroch-bhrúchtghail atá air: an fhuarmáil ghaoithe agus boladh gránda uirthe aníos 'on scórnaigh.

droch-chaidreamh: (**droch-choidreamh**) *f.1.* aithne pheacamhail; cumaisc neamhdhlistineach; aitheantas mío-fhóghanta. Fuair an t-oifigeach amach go raibh a chómhoifigeach dlúthmhuinnteardha i ndroch-chaidreamh lé n-a mhnaoi agus lámhach é:

go mbíodh baint neamhcheart aige léi: go ndeárna sé drúis léi. D'imthigh leigheadh Bhúndún Mhóire ar an mbeirt aca trí dhroch-chaidreamh: ó bheith i gcómhluadar urchóideach daoine eile d'imthigheadar gan tásc, gan tuairisc mar imthigh clann Mhóire ag bórd luinge gen gcat fé dhraoidheacht. Beir leat nách aon droch-chaidreamh an fear céadna san, is cuma cad é malairt baramhail ag daoinibh eile air: gheibhim tais deaghmhaitheach é: ní drochbhail do dhuine a chómhluadar do thaithighe.

droch-choidreamhail: *a.* droch-chuideachtamhail: drochaitheantamhail. Tá barr lucht droch-choidreamhail aige, a chuid scaipighthe, leachta, a chlú imthighthe: olc lé haithne do chur ortha agus bheith 'n-a gcuideachtain. Barránach droch-choidreamhail gur b'é a aigne a chómhluadar do threórughadh in urchóid: olc: a chaitheas beatha oilbhéimeach.

droch-cháil: *b.2.* drochainm, drochchlú, ainm mhíothaithneamhach fhóirleathanadamhail: droich-rith (earra). Tobac droch-cháile a chuirfeadh meadhbhán i gceann capall: cineál nó rith gan tairbhe. Droch-cháil tímcheall na dighe air: nuair bheadh sí "thiar aige" go mbeadh sé bruigheantamhail. Droch-cháil phlúir do thagann in aimsir chogaidh go mbíonn dath dubh air agus é drochbhlasta: rith plúir: mianach. Ag tabhairt droch-cháile ar an gcoróin an rí do phósadh íochtaráin mná: ag cur droichmheasa ar an gcoróin. Is annamh ach an droch-cháil ag cómhchómhraiceóiribh ar a chéile: is gnáthach iad ag cur droichbheart i leith a chéile. Droch-cháil an bhídh: leathta (ar) gan bheith fial fé nó an biadh do bheith go holc ann. Cé chualaidh droch-cháil throda riamh ar Éireannach?: gur mheathtach é? Droch-cháil ban .i. teist a meallta, a gcurtha amugha.

droch-cháilmhear: *a.* ar dhrochainm, droichtheist. Cuirtí bearta droch-cháilmheara i leith na namhad, mar atá, príosúnaigh do mharbhadh: a bhéarfadh droichmheas ortha lé n-a mbrúideamhlacht.

droch-chainnt: *b.2.* cainnt gan tairbhe, gháirseamhail, olc, ghiorraisc nó gan bhrigh. Focal droch-chainnte níor tháinig as a bhéal riamh, eascaine ná rádh borb: cainnt mhíochuibheasach. Droch-chainnt í sin, ní théigheann sí i luighe gaibhte ar an té atá in earrad leat: gan fuinneamh gan bhrigh. Ná tabhair aon droch-chainnt dom-sa, nó geóbhair slat ded thómhas féin: gheóbhair an íde shalach chéadna, focal ar fhocal. Cuideachta áluinn dob eadh é dá gcuireadh sé uaidh an droch-chainnt ameasc ban agus fásógach: cainnt scannalach. As an ndrochchainnt tháinig achrann: íde bhéil: cainnt míbhéasach. As an seódh chuadar ar dhrochchainnt gur dhóigh leat go raghadh an áit trí theine lé n-a mbuirbe: gáirseamhail: drochlabhartha: tagarthach. Daoradh an leabhar toisc na droch-chainnte a bhí ann: cainnt mhíriaghalta.

droch-chainnteach: *a.* "salach" as an mbéal, aithiseach, masluightheach. Teallaire budh dhroch-chainntighe níor oscail a bhéal, chuirfeadh an teanga a bhí aige allus náire ort: aithiseach: gan aon teóra leis. Ná bí droch-chainnteach le neach ach mín, síthbhialta: míbhéasach. Prochlaisidhe droch-chainnteacha a thaithigh sé ó n-a óige síos fés na caladhaibh mar a mbíodh bualadh máirnéalach ó gach áird den ndomhan, teanga bhorb, neambanamhail aca uile: puill gur bh'í an gháirseamhlacht is an ghargaireacht a ngnáthbhéas. Is maith é slighe aonne chun Dé gan bheith droch-chainnteach ar a

chómharsain, go mórmhór ar an té go mbeadh leathcheann air: trom-ráidhteach, díomholta, suainseánach.

droch-chás: *f.1.* draip, aiste olc. Is agam-sa atá a fhios go rabhas i ndroch-chás gan luid den éadach orm ná faic lé n-itheadh agam, ná súil leo: aiste gur bheag a formad aonne liom. Is baoghal liom go bhfuil m'anam i ndroch-chás, paidear ná úrnaighe ní abraim: go bhfuil drochbhail air. Cuirfidh an cogadh diabhail seo i ndroch-chás daoine bochta: tiocfaidh a dheasca andhian ortha. Thug sé an oidhche i ndroch-chás lé stróc: go haindeis lé tinneas a's stracadh builg.

droch-chóch: *f.1.* cam(a)-ghaothach, conntabharthach. De dhruim an chnuic tagann droch-chócha a fhuadóchadh aon rud 'n-a slighe: síodhanna láidre, "salacha". Níor fhan luid anairte ar an luing ge droch-chóchaibh millteacha: gaoth ag teacht 'n-a "balcairidhibh" ró-theanna obanna. Droch-chócha go raibh uisce ag imtheacht sa spéir leó.

droch-chogar: *f.1.* ceannairc drochfhuadair: drochfhocal íseal i bhfíghis cluaise. Ní indiugh ná indé do thosnuigheadar an droch-chogar orm-sa, go ndeárnadar mo dhíth sa deireadh: ag beartughadh ós íseal chun mo dhíoghbhála. Má thug sé cogar dom b'é sin an droch-chogar – teine do thabhairt don dtigh: séideadh (fúm) míorúnach. Is iomdha droch-chogar do thug an fear ainmhianach di: cómhrádh ós íseal chun druise. Leathadar an droch-chogar eatartha, an marbhadh do dhéanamh: an cóimhbheartughadh rúin chun na cora malluighthe do dhéanamh.

droch-chóir: *b.5.* gaoth ná beadh ach beagáinín fabhrach: tomhaltas, biadh, lón gan puinn scabháird: oidheacht nó feisteas bocht. Leanadh an cogadh dhe a's chídhfidh Dia a's duine sinn ar dhroch-chóir: donuighthe an oiread go mbeifear ag sciobadh an ghreama as bhéal a chéile: tomhaltas anchaol. Is tú an fear ar dhroch-chóir – arán a's té, té a's arán: biadh gan cothughadh ann. Chaith long na cruithneachtan bliadhain iomláin nách mór ag teacht ón Astráil lé droch-chóir (gaoithe): gaoth ná raibh 'n-a diaidh ná 'n-a cliathán. "Cad é an saghas aimsire a bhí sa tigh ósda airéir?" – "go háidhbhéil; sin é dubhairt ár ndroch-chóir linn, triúr againn i ngach leabaidh": feisteas gan mhaith. B'é an droch-chóir capall a's truacail ag dul go Corcaigh sa tseanshaoghal seachas traenacha a's gluaisteáin anois: gléas olc iomchair. Anois go mbeidh armáil a's biadh ag teacht go flúirseach tar lear chughainn ní bheidh aon droch-chóir cogaidh orainn: drochchlódh. Ní droch-chóir catha a bhí ag teacht leó ach droichmhisneach: droichghléiseanna.

droch-chómhairle: *b.4.* drochmholadh chun gnímh: samhlughadh aimhleasta, droichaitheasc. Is minicighe gur suairce linn an drochchómhairle 'ná an deaghchómhairle, a's í bheith soi-dhreacha: moladh an ruda a bhíos ar mhíomhaithe linn má thaidhbhsigheann a dhéanamh go soirbh don gcroidhe. Droch-chómhairle dhom gan mórchuid ádhbhair do léigheamh agus do scrúdughadh sara dtosnuighinn ar stair do scríobh: neambreithnightheach: éigciallda: gan aon deallramh do bheith leó. Chuireamair ár gcómhairle i dteannta a chéile ach b'shin í an droch-chómhairle fairír – dul agus an post do shlad: cómhrún beartuighthe droichghnímh. "Ó tá ár gcúram déanta annso, cad dob áil linn ag moilliughadh? b'fhéidir gurb amhlaidh do bhéarfí orainn" – "ní haon

droch-chómhairle í": moladh. "An droch-chómhairle i gcómhnaidhe", deirtear lé duine ceanndáine ná héisteóchadh lé cainnt fhuaimeantamhail agus gur misdide é sin.

droch-chómhairleach: *f.1.* duine a thugas aitheasc aimhleasa uaidh; duine a thógas a lithéid; aitheasc nó moladh déanta ruda nách maith. Tusa a "chuirfeadh cosa fé chearcaibh" an droch-chómhairleach ort féin ná leanann do deaghthuigsint: ná bacann lé toradh aon ruda a thagas id cheann ach é do dhéanamh. Droch-chómhairleach ort féin seadh thu, leig dom-sa: na rudaidhe a mholair dómh-sa do dhéanamh tugair féin i bhfaillighe. "Ceannuigh an áit sin lé n-a fheabhas", ars an té go raibh log mío-ádhmharach ceannuighthe aige féin lé n-a fheabhas, dar leis, "nár bh'í cómhairle an droch-chómhairligh i gceart í?" "Nách ait mar rinne sé - scaradh lé n-a mhnaoi, fear chómh fuaimeantamhail leis, téigheann sé dem thuisgint" – "cad dhéanfadh an droch-chómhairleach?": tafant daoine a bhí ar mhío-mhaithe leis. Níl aon teóra leis an ndroch-chómhairleach: bíonn duine i mbaoghal gabháil léi do shíor.

droch-chómhluadar: *f.1.* droch-chuideachta. Ar an bhfuadar (olc) atá fé tá droch-chómhluadar an diabhail aige: na daoine do choidrigheann sé nílid ar feabhas ná chun a mhaitheas. Tinneas fiacaile chugham a's uaim, geallaim duit gurb é an droch-chómhluadar é: it fharradh tá "páirtidhe ná fuil lé moladh". Ní misde dhuit luighe leó, ach gan droch-chómhluadar do dhéanamh leó: gan bheith rannpháirteach leó in aon bheart a bhéarfadh aithis nó béim duit.

droch-chor: *f.1.* cor díoghbhálach: drochbhail, déanamh neamhmaiseach: aiste dhona. An droch-chor a bhí air salach, bréan, gan bearradh, gan glanadh: an chuma aindeis. Thugas droch-chór dom righe gur leónas é ag léimeadh thar claidhe: casadh gránda. Níor eitigheas ná níor locas aon nidh riamh air dár iarr sé orm ach fuaireas an t-eiteachas uaidh, nár bh'é an droch-chor é?: drochghníomh in aghaidh nó i ndíol deaghghnímh. Tugadh sé droch-chor don a bhfuil anáirde air, annsan gheóbhaidh sé amach ná tiocfaidh éadach ó neamh chuige: droichdhéanamh: íde gan aire: droich-cheann. Bhíomair ag brath i leith a's go mbeadh orainn agus cabhair chosanta aige chughainn, a's cad dhéanfadh sé ach dul ar thaobh na namhad, b'shin é an droch-chor agat: iompódh nó atharrughadh náireach, táir. Droch-chor sa bhfalla: casadh as a díreach go bhfuil i gconntabhairt a thuitte: caime saoirseachta.

droch-chothughadh: *f.* (*-uighthe*) tógaint (tógáil) gna tairbhe: beatha (biadh) nách maith. Iasc, iasc lé gach béile, is é an droch-chothughadh é: cotháilt nó "coimeád suas" gan puinn scabháird. Luach beag do gheóbhfar ar na hainmhidhthibh sin mar ná fuil ortha ach droch-chothughadh: iad gan blás na feóla. An chlann a bhí agam níor fhéachadar riamh orm cé go raibh gach neach aca os chionn a chumais, nár bh'iad an droch-chothughadh iad: an tabhairt suas gan dúthracht. Is cosamhail lé fíothal geimhridh gach gamhain aca; Dia Mór nár leigidh dom iad mar dhroch-chothughadh!: díol tógála.

droch-chrann: *f.1.* mío-ádh, teangmháil aindeis, teagmhas olc: tuiteam tubaisteach: cinneamhaint dhrochthoraidh. Níor mhór dom a bheith láithreach, pé droch-chrann a bhí orm agus me sheóladh ameasc scata bitheamhnach: b'é mo dhán aindeis é. Ní rabhas ón lá baisteadh me in aon chinneamhaint ná gur orm do thuitfeadh an ceann trom, pé droch-

chrann atá os mo chionn: cómhacht dholbhtha éigin a sheólas in imeall aimiléise me. Mo ghradhain go dealbh í, bhí sé de dhroch-chrann uirthe, dar ndóigh, meisceóir do phósadh: é ceapuighthe dhi: b'é a dán tubaisteach é. Chaitheas droch-chrann ort an lá thógas mar rogha thu: an lá chuadhas i dtreis leat i ndóigh mo shonais b'é an lá dona dhom é. Níor báthadh as na fichididhibh ach é, nách breágh gurb air a thuitfeadh an droch-chrann: an chinneamhaint thubaisteach.

droch-chroidhe: *f.4.* lagchroidhe go mbeadh máchail nó iomard air: drochaigne, droichmheón: míorún. Á, caithfead stad lé saothar, an droch-chroidhe ag cur orm: lag. Droch-chroidhe agam go bhfuil an cochall air: galarach: croidhe ag teip. Níl aon droch-chroidhe agam d'aonne, is fearr liom gach aonne go maith 'ná ar a mhalairt: meón olc: mian go mbeadh an aindeise air. Leis an ndroch-chroidhe atá agam do as an masla thug sé dhom is me "an sagart udhachta" a bheidh air: an aigne gur bhreágh léi díoghbháil. Sin é an droch-chroidhe atá aca ná "feicfeadh a gcroidhe dá mbeadh sé ar a mbais" aca: sprionnlaithe: geairrid dóibh féin. Ubhall go bhfuil droch-chroidhe ann! ná hith é: an lár istigh lobhtha ann.

droch-chuallacht: *b.3.* cuideachta olc, urchóideach: lucht leanamhna fealltamhail. An droch-chuallacht a bhíodh farradh leis a thairng chun ragairne a's anatais é: an droch-dhream daoine a thaithigh droichbhearta. Roimis féin ní raibh aon eagla agam ach an droch-chuallacht a thacuigheadh é bhí "marbhadh na gcéadta" ortha: dream gur bheag aca díoghbháil do dhéanamh. Droch-chuallacht ceart, corónta dob eadh "na dubhchrónaigh", ní raibh coir ná ainscian lasmuigh dhíobh: dream urchóideach, malluighthe gan truagh gan taise. Fógraim droch-chuallacht an diabhail duit: gurb é féin agus a bhearta a leanair an dá lá dhéag agus mhairir.

drochchúinse: *f.4.* droichchleas, lúbaireacht, beart mhalluighthe: cosanta gan mhaith. Budh thusa an drochchúinse agam dul ar t'iontaoibh, ní fada budh scáth dhom thu nuair thréigis me: díon: maide taca nó cosanta. Drochchúinsidhe "na gile gréine" atá bailighthe isteach 'n-a chloigeann chun éaluighthe ó n-a chuid fiach, a chuid tugtha suas dá chlainn aige, gach aon rud ná faghadh i lúib na dlighe é: cleasa cama, meangacha. Níor mhilse leis cuma bheadh rud aige 'ná ar dhrochchúinse dá mbeadh an saoghal mór thíos leis: ar chuma cham. Nuair budh dhóigh leat é do bheith ar dhúid agat as a dhroichghníomharthaibh sin é uair a "bhainfead an bonn uait" lé drochchúinse: camasghal.

droch-chúinseach: *a.* cam-ghlic, cluaineach, meangach: droichbheartach. "Na daoine droch-chuinseacha a cheap me bhásughadh siubhalóchaid an dréimire": a bheartuigh go hurchóideach, diabhalta. Imirt dhroch-chúinseach duit bheith ag ceileabhradh chártaidhe chun me bhuailte (tá an dul so anchoitcheann - chun me bhuailte, mharbhtha etc.). An chuma droch-chúinseach do chur roimis chun a saortha féin bheith d'iarraidh do chur ar dhaoinibh eile: cleasach, etc., olc. Dochtúir droch-chúinseach a leigeadh air bheith ag leigheas na seanmhná chun a cuid airgid do shroichstint a's gurb amhlaidh a bhí ag cothughadh a galair: fealltamhail: lúbach, cam, coirptheach. Is go droch-chúinseach a ghnóthóchaidh sé an bheart atá aige, ag cur éithigh ar dhaoinibh agus ag déanamh uisce fé thalamh: cam, glic.

droch-chumann: *f.1.* cumann cealgach, grádh neamhdhlistineach. Droch-chumann cumann do mhnaoi do chómharsan: grádh ná fuil ceaduighthe. “Cumann” adeir duine, “mo mhairg! is é sin an droch-chumann do fuaireas-sa óm chlainn, mé do theilgean amach ar an mbán tréis a dtógtha go glan, slachtmhar, galánta”: ceal cumainn: déanamh ná raibh dualgas leanbh ná carthanacht ag dul leis. Droch-chumann i ndíol cumainn dhearbhtha: cluain do bhualadh ar an té a ghrádhas sinn ó chroidhe amach.

droch-dhaithte: *a.r.* olc i ndath, i ngné, i gclódh. Ní fada uaidh an úir ar a dhroch-dhaithte a’s atá sé, níl braon fola ’n-a ghruadh: gan pioc den ndath nádúrdha. Bratach dhroch-dhaithte ná lonnruigheann rósholasmhar bratach do thíre: gan é bheith glé. Ní thógfainn an smearadh (bróg) droch-dhaithte sin dá bhfaghainn in aisce é, ní chuireann gléas ná “gliús” ionta: ceal gléineachta. Mar sin atá an buachaill riamh droch-dhaithte ó bhí an liathbhuidhe air: báidhteach, gan an fhuil ag taidhbhseamh ann.

droch-dhath: *f.3.* dath olc, neamhnádúrdha. Tá droch-dhath ar an lá: de chuma air go mbeidh atharrughadh aimsire ar olcas againn. Daithnigheas air go raibh sé ag breóidhtiughadh gen bpíp leis an ndroch-dhath a thaithnigh air: nuair atharruigh an lí ann. Droch-dhath ort! go n-iompuighir lí: maisle chughat! Bail ó Dhia ort, níl aon droch-dhath ort: tá clódh na sláinte ort.

droch-dhóchas: *f.1.* dóchas lag: míochroidhe: mímhisneach: súil le holc do thárlachtaint: éadóchas. “Bímíd dár mbuaidhreamh ar gach taobh gidh ná cuirtear i gcumhangach sinn; bímíd i gconntabhairt, gidh ná téighimíd i ndroch-dhóchas” (ii Cor. IV. 8): ar aiste ná slánófí sinn. Ag méadughadh ar droch-dhóchas na mná bhí ó ló go ló go raibh a mac marbh sa chogadh nuair ná raibh tuairisc ag teacht: ag dul i ndaingne aigne uirthe a bhí go raibh sé marbh. Lucht an droch-dhóchais: na daoine a bhíos i gcómhnaidhe ag ceisneamh agus ag tuaradh droch-shaoghail lé teacht. Chneasuigh sé siúd droch-dhóchas dhochtúiridhe an cheanntair lé feabhas a eólais: duine go raibh súil lé n-a leigheas curtha dhíobh aca. Ná bíodh aon droch-dhóchas againn roim an mbás, caithfidh sé teacht, tá Dia láidir agus máthair mhaith aige: ceal misnigh. Chuirfeadh an saoghal ait, achrannach so droch-dhóchas ar an gcroidhe is cródha: lagughadh spiride. Dá aosta atá an sean-dhragún níl aon droch-dhóchas pósta fós air: ceal muinghine.

droch-dhóchaiseach: *a.* míochroidheach, lagmhuinghineach, mímhisneamhail. Fuair an ceannurraidh scéala droch-dhóchaiseach i moch na maidne go raibh na treasa briste ’n-a lia áit feadh uchta an chatha: scéala a ísligh a mhisneach a’s a mheanma. Budh dhroch-dhóchaisighe na dochtúiridhe as indé ’ná indiugh, tháinig a úrlabhra i rith na hoidhche: budh lugha a súil lé n-a théarnamh indé. Níl neach ar an bpáirc seo indiugh is droch-dhóchaisighe (neamhdhóchaistighe) as an gcapall san ’ná mise féin agus tá geall trom agam air, bíodh do gheall air: is lugha go bhfuil coinne aige go mbuadhfaidh sé.

droch-dhúil: *b.5.* dúil nó mian míochuibheasach, mian urchóideach, caise colna: fonn drúise. Duine na droch-dhúlach is minic a thugann drochsháthadh dho féin mar dhein an té a sháthaidh a lámh go huillinn san uisce fliuchaidh ag foghadh na feóla: an dúil mhairbh: an fonn tar meón. Plucach, bolgach, feólmhar, sáithighthe ag triall ó chathair go

cathair ag sásughadh a droch-dhúlach: ainmhian na colna: srian do scaoileadh lé gach fonn a geintí ann. Droch-dhúil náireach na meisceóireachta: mian go ndéanfí aon rud dá náirighe chun a shásta. Cad é an droch-dhúil atá agat sa bhlúirín gleóidhte feóla san ná híosfá é: "is áil leat é a's ní háil leat é": fonn beag.

droch-dhúlach: *a.* ar aiste drochdhúlach, mian déistineach do bheith (ag): gan aon dúil (i). Níor bhraitheas riamh chómh droch-dhúlach i mbiadh agus bhraithim indiugh, ní íosfad seóid: ar aiste gan fonn ar bith bídh do bheith orm. Tobac gann, daor anois, a mhic mo chroidhe, seachain tú féin ar dhaoinibh droch-dhúlacha: iad so a "raghadh fén roth" chuige: ag tnúth 'sag lorg go neamhnáireach. Bodach droch-dhúlach: duine gurb é a ghnóth saoghalta gach nidh maith go dtéigheann a shúil ann do bheith aige.

droch-dhuine: *f.4.* duine olc, duine urchóideach, malluighthe; duine neamhoireamhnach. An droch-dhuine ceart do chuiris ag gabháil de anois, aon eólas níl aige: an-neamhoireamhnach. "Seachain an droch-dhuine a's ní baoghal duit an duine macánta" (seanfhocal): an té a dhéanfadh do dhíoghbháil: cleasaidhe lúbach. "Annsan scuirid na droch-dhaoine do bhuadhairt" (Iób III. 17): urchóideacha: gan cráibhtheacht. Dár tháinig treasna orm b'é díg na ndroch-dhaoine é: ní thabharfadh sé a chac dosna madraidhibh i gcead 'on chuideachtain: sprionnlaithe, cumhang, bochtchroidheach. Ní droch-dhuine é: tá sé maith go leór.

drochfhaobhar: *f.1.* an taobh tanaidhe d'aon úirlis gearrtha bheith go holc: míofhonn: ciumhais (faille, cnuic, carraige) olc. Sin bád ná fuil drochfhaobhar fúithe: í ag gluaiseacht. "Bídh amuigh, beag a's mór! a scata liaghairnidhe", ars an saoiste nuair chonnaic sé an drochfhaobhar oibre bhí fé n-a chuid cléireach: a moille 'sa manaois. Seachain an drochfhaobhar (faille) nó tuitfir: ciumhais: scéimh, bruach. Nuair chídhtear duine go glan-bhearrtha deirtear: - mhuise ní raibh aon drochfhaobhar agat: altán nó rásúr maith agat. Bíodh gach n-aon ar aire roimis, tá drochfhaobhar fé: cuma drochfhuadair: go bhfuil míoghnaoidhe éigin air a's go n-agróchaidh ar dhuine éigin é. Drochfhaobhar (cnuic) ná fuil cothughadh naoscaigh ann: taobh géar (cnuic) gan tairbhe ar bith.

drochfhaobharach: *a.* fé fhaobhar, fhuadar olc: go mbéal (gearrtha) maol: conntabharthach. Marbhadh duine gach lá sa bhliadhain air ach is drochfhaobharaighe indiugh é 'ná riamh: fuadar nó cuma air go ndéanfaidh buadhairt a's scrios. Cuir clódh éigin gnótha ort féin, níor baisteadh leighcídhe is drochfhaobharaighe 'ná tu: is lugha go bhfuil crot ná cuma bearta ar do dhriuch. Chuireas ró-dhrochfhaobharach ar fad chuige an iongadh leat nár chúb sé rómham?: gan fuinneamh, gan smuirt.

drochfhocal: *f.1.* focal gránda, draosta, olc: doimhisnighthe. Riamh ní raibh an drochfhocal 'n-a bhéal: níor labhair ar chuma a chuirfeadh míoghnaoidhe ná fearg ar dhuine. "Ná raibh an drochfhocal choidhche agat!" deirtear nuair labhrann duine ar chuma a thaithnigheas linn. Ón lá thug sé drochfhocal dom níl meas madra agam air: gur thug freagra giorraisc orm, nó go ndubhairt rud ná raibh banamhail. Léan air mar fhear! ná géill do go gclaoidhfidh an cogadh so sinn - an drochfhocal 'n-a bhéal a's 'n-a bhrághaid "ó éirigheann sé go suidheann sé": an chainnt mhímhisnigh. Drochfhocal seadh "striapach" i gcuideachtain: nár cheart do luadh. Drochfhocal ar "chaipín" seadh

"hata": neamhoireamhnach. Ná bíodh an drochfhocal choidhche agat: ná labhair go trom ar aonne agus tagadh cainnt uait a bhéarfas dóchas a's misneach dod lucht éisteachta. Chuir sé an drochfhocal 'n-a cluais: d'agall sé í chun drochdhúlach. Ní thagann an drochfhocal lé fead: an focal míothaithneamhach is rí-dheacair a chealg do mhaolughadh. Is tusa fear an drochfhocail: ná cóimhlíonfadh do gheallamhaint. (**drochfhocalach:** *a.*)

drochfhuadar: *f.1.* drochthuar, droichgheallamhaint: droichimtheacht a thuaras olc má leantar de. Ar mh'anam, a gharsúin, go bhfuil an drochfhuadar fút-sa má bhí fé aonne riamh: na geáitsidhe, geámaidhe agus bearta atá dhá dhéanamh agat beidh de chrích ortha gur mairgeach duit iad. "Connus bheidh an lá?" – "níl aon drochfhuadar fé": tuarann sé go maith: cómharthaidhthe maithe síne ann. D'aithnigheas an drochfhuadar fé agus bhí an chéad bhuile agam air: ós na bóithribh a bhí aige budh shoiléir go raibh fonn mo dhíthe air. Lucht drochfhuadair iad súd, táid ag dlúthchainnt orainn agus cuma namhadach ortha: gur soiléir ar a n-imtheachta go bhfuilid ag brúchtghal chun buadhartha linn. Ar chlos go ndeárna duine éigin rud gráineamhail agus nárbh iongadh linn sin, deirtear, "bhí an drochfhuadar riamh fé": gach cor dá gcuireadh sé dhe féin d'fháistinigheadh sé sin. Cuireann an hata maigeach san drochfhuadar fút: cuireann sé de chlódh ort go bhfuil t'aigne ar rud éigin neamhghnáthach do dhéanamh. Ná hól a thuilleadh, tá drochfhuadar fút: dá leantá ar an órdughadh san bheifeá ar meisce.

drochfhuadarach: *a.* droichgheallamhnach: droichimtheachtach: droichsciamhach. Scannruighir mé leis an gcuma dhrochfhuadarach a thugann póit ort, diabhail a's deamhain a's achrann ar siubhal agat: an deallramh go ndéanfair rud éigin millteach. Daoine drochfhuadaracha Spáinnigh a's Iodálaigh, altán scine ar iomchar ag gach n-aon aca: nár lugha aca rud do dhéanamh 'ná áis do bhaint aiste. Lé seachtmhain tá turuiseanna drochfhuadaracha tugtha ge hárthaighibh aoir os chionn na hAlban: gurb é a mbun meabhrughadh rómpa cá ndéanfaidís bascadh agus scrios. Tá cuma dhrochfhuadarach fén dteine sin, prioc fúithe: níl sí ag deargadh mar oirfeadh. Capall drochfhuadarach aon chapall a bhuaileann: bíonn ar tí díoghbhála.

drochfhuil: *b.3.* fuil bhrúighte, fuil olc: drochbhraon: folaidheacht: faltanas. Níl cneasughadh in aon ghaor di ar an méid drochfhola atá ag teacht aiste: fuil neamhnádúrdha. Mara mbeadh an drochfhuil atá ionam ní raghadh gearraidheacha chómh siléigeach liom: fuil ná leómhann leigheas tapaidh. Seo, croithidh lámh, ná bíodh an drochfhuil eadraibh: aon fhalantas nó drochaigne as chúis nó samhlughadh cúise. "Cuirfead drochfhuil idir thu agus an bhean" (Gen. iii. 15): drochaigne: namhadas.

drochfhuireann: *b.2.* droichdhream chun aon bhearta áirighthe: dream malluighthe: buidhean intseachanta. Drochfhuireann gur fearrde me mo chúl do thabhairt libh: cuideachta nách eatartha cleachtar na subháilcidhe. Chas an drocháird me ar dhrochfhuirinn luinge a throid 'sa sháidh 'sa shlúid a chéile ó chaladh go caladh: olc. Drochfhuireann gan chrích gan áird ná feadair tosach báid ó n-a deireadh!: dall: neamhghasta. Sin iad an drochfhuireann tighe turus do thabhairt ortha, ghoidfidís an t-airgead aníos as do phóca dá bhfaghaidís an chao: daoine malluighthe gan mhothúilt éagcóra.

drochghnás: *f.1.* taithighe droch-ruda: béas olc. Drochghnás annso cómhracha daoine adhlactha do thógaint agus an marbh is déidheannaighe d'adhlacadh fútha: béas gránda. Drochghnás dos na hógaibh taithighe toitínidhe: béas olc, drochshláinteach.

drochghnáthughadh: *f.* (*–uighthe*) béas, gnás olc: turasadóireacht mícheart. Drochghnáthughadh gan amhras seadh gnáthughadh tighthe tábhairne: an té a chleachtas é bíonn i mbaoghal a dhrochcháile. Nuair théigheann ar cuaird sin é an drochghnáthughadh aige, aon rud ar bóiléagar árduigheann chun siubhail: cuaird na halfraitsidheachta. Cuireadh fíneáil ar an dtigh ósda toisc drochghnáthuighthe daoine ann: déanamh rudaidhe in aghaidh riaghaltachta agus dlighe. Drochghnáthughadh so na siubhlóide oidhche le cailínidhibh: béas baoghalach ar pheacaidhibh.

drochghnó(th): *f.3.* obair droichdhéanta: gníomh olc. Cuideachta an diabhail drochghnóth: an té a bhíos ag déanamh rud mícheart bíonn an diabhal "lé n-a chluais". "A dhrochghnóth, déin athghnóth": an obair nó an saothar ná déintear mar is cóir caithtear tabhairt fé airís. "Fill orm", ars an drochghnóth; rádh coitcheann lé duine a fhágas an rud a bhíos idir lámhaibh aige go liobarnach. Léan id ghnóth 'sé an drochghnóth é (míoshásamh): an gnóth gan clódh. Is fearr gan aon ghnóth ná drochghnóth: b'fhearr dho duine bheith deargdhíomhaoin 'ná bheith ag gabháil de rudaidhibh gan tairbhe nó ag déanamh laitiméireachta. Aicme drochghnótha b'eadh na dubhchrónaigh: saighdiúiridhe gurbh é an scrios a ngreaindidhe.

drochghnóthach: *a.* bheith ag gabháil de rud míothairbhe nó d'urchóid nó lot. "Is fearr bheith díomhaoin ná drochghnóthach": gan faic in ao'chor do bheith ar siubhal againn 'ná bheith ag déanamh drochbhaile nó achrainn. Mise chaith mo sheachtmhain go drochghnóthach ná fuair faic de bharr mo dhuaidh: i bhfeadhmanas gan sochar. Is sinn a bhíodh go drochghnóthach ar scoil nuair gheibhimís amus ar an máighistir: go crosta ag déanamh rud nár cheaduighthe dréir riaghlach na scoile.

drochghnúis: *b.2.* deallramh olc, neamhshláinteamhail: éagcosc míothaithneamhach. Chuirfinn geall nár ith sé a dhóthain lé n-a chuimhne ar an ndrochghnúis atá air: an deallramh meathta atá ar a cheannaghthaibh. Chúbas roim an ndrochghnúis a bhí air a's buile cheart air: an clódh scannruightheach a bhí ar a aghaidh. Buaileadh isteach i bprochlais i Siceágó go raibh drochghnúis ar a raibh ann, nár bh'fhios duit cathain éireófí chughat: ar a n-aghaidh budh léir gur dhrochdhóighthínidhe iad. Níor thaithnigh mo dhrochghnúis léithe in ao'chor, nár chás di!: ar mh'amharc gan bearradh: an chuma neamhshlachtmhar aghtha orm.

drochghnúiseach: *a.* drochfhéachain, míothaithneamhach clóidh. Cé hé ná déineann brón agus mairg drochghnúiseach?: cuma míochuibheasach do chur orainn. Ar thógaint na cathrach dúinn budh dhrochghnúiseach iad a daoine lé gráin orainn: aghaidh mhalluighthe.

drochghoile: *f.4.* fonn, dúil, blas chun bídh: ceann is aoirde des na ballaibh chun deighleála bídh. Chuir an drochghoile chun báis é: droichdheighleáil bídh. D'ith sé, mar deir an páipéar, trí chinn fhichead de shicínidhibh, dá stéig mhairtfheola, dá bhollóg aráin

agus d'ól dhá chárt fíona, ní raibh an drochghoile aige: neamhfhonn caithte bídh. Nách agam atá an drochghoile ná caitheann ach cupáinín de thé lag ar maidin agus slisneóg aráin a's ime: neamhdhúil ithte.

drochghuidhe: *b.4.* guidhe olc, eascaine, oirbhire. "Nár théighidh do dhrochghuidhe ar pholl do thóna a's an cómhgar isteach" (seanfhocal): gurb ort féin do thuiteann do mhalachtaidhe. Pé rud a bheidh agat, seachain an drochghuidhe ach go háirighthe, is minic do thuiteann sí: an mian olc do chách. Imthigheadh sé, a's mo dhrochghuidhe go raibh leis: go dtárlaidh olc do mar is toil liom do. Ar chlos go n-éirigheann tubaiste d'aonne a thuill é deirtear, "fuair duine éigin an drochghuidhe".

drochlá: *f.* lá olc (síne nó chun aonnidh): drochshaoghal. Ó tháinig sé de dhrochlá orm na daoine do bheith ag magadh fúm: saoghal dona. An-dhrochlá aonaigh é: luach beag ar sheifteannaibh. An-dhrochlá éisc: lá ná faightear ach cuid bheag de. Ag cnuasach 'sag cruachadh i gcóir an drochlae: an lá easbhaidhtheach. "Connus tá agat?" – "an deaghlá agus an drochlá": tamall go maith a's tamall go holc.

drochlabhartha: (**drochlabharthach**) *a.* tagartha, giorraisc, aithiseach, tarcuisneach, easonórach. Nuair fiafruigheadh de cad é a ghnóth in áit ná raibh aon ghnóth aige d'fhreagair go drochlabhartha: "gur chuma dho aonne eile sin": go míbhéasach. "Má bhír drochlabhartha sa chúirt seo", ars an giúistís leis an bhfíné nuair dubhairt ná raibh tor aige ar an ndlighe, "cuirfead mí príosúin ort": easonórach. An carbhall drochlabhartha do chaith sé leis an gcuideachtain sceinn a raibh de mhnáibh láithreach lé náire: míobhanamhail. In ionad thu bheith mín, tais, béasamhail is amhlaidh ataoi drochlabhartha: ag masladh 'sag cáineadh: tagarthach.

drochluibh: *b.2.* plannda nó lus dochrach. Drochluibh seadh an tobac, an iomarca dhe. Ní haon drochluibh té nuair bheadh fuacht ort. Bean drochluibheann: bean a thugas iad do dhuine nó d'ainmhidhe chun díoghbhála do dhéanamh. Fuair sé drochluibh uaithe gur mheall sí é dá aindeóin: luibh drochchómhachta.

drochmhaith: *b.2.* maith beag nó gan tairbhe: cor dochrach. Drochmhaith do dhein an deoch dom in ionad maitheasa: díoghbháil. Drochmhaith adhmaid déil bhán chun maide baid, is beag é a bhreith ar fhuinneóg: ní mór an fulang struis ann etc. Dhein sé drochmhaith orm ná maithfead choidhche dho, an lá eitigh sé me, rud nár thuilleas uaidh: cur as dom: cor neamhchneasta, oilbhéim. Siopadóir na drochmhaithe ná féadfadh a rádh go bhfuil feóirling fiach aige ar aonne: nár thug uaidh riamh ar cáirde. An mhaith in aghaidh na drochmhaithe: cor maith in éadan cuir uilc.

drochmhaitheasach: *a.* gan puinn maitheasa: neamhchineálta: neamhleaghtha lé comaoin ná ceannúireacht. Obair dhrochmhaitheasach iascaireacht ó theip an luach: gan tairbhe ná sochar. Drochmhaitheasach a dhóthain ar dhuine d'eiteach: neamhthoilteannamhail ar chomaoin do dhéanamh. "Ní rabhas ach in easnamh réal ar fhiacaibh na mbróg, a's ní bhfaghainn uaidh iad" – "drochmhaitheasach go maith": an-neamh-nádúrdha. Dá mbeadh lán luinge de bhiadh aige ní thabharfadh cáithne chun do

shaortha dhuit, sprionnlóir is drochmhaitheasaighe ní mhaireann: gur lugha fonn air comaoin nó ceanúireacht do thabhairt uaidh.

drochmhúineadh: *f.* (*-inte*) teagasc gan tairbhe: ceal béas: teallaireacht. Is beag dá dhrochmhúineadh gach re seadh do thabhairt do sheanóir: droichiomchar: slighe thógtha olc. Ceal incheann? ní headh ach drochmhúineadh a theip é: gan an oileamhaint cheart do thabhairt do. Lé n-a dhrochmhúineadh ní fhéadfá fanacht 'n-a chois: iomchar ná raibh cuibhe don láthair, don am ná don ócáid. Drochmhúineadh dom do bhairéad d'fhágaint ort lé linn bídh: iomchar ná fuil nósmhar, béasamhail.

drochmhuinghin: *b.2.* ceal iontaoibhe, amhras olc. Ná bíodh aon drochmhuinghin agat as Dhia (rádh): tá Dia fial, maithteach. Leis an ndrochmhuinghin thugas an oidhche ar fionnraighe go bhfuaireas amach gur shroicheadar a dtriall: ceal bheith deimhnightheach im aigne go n-éireóchadh leó. Dul id leith? cuimhnigh ar an ndrochmhuinghin atá ges gach aonne asta: gan aonne do bhraithstint ach go dteipfeá. Ar an gcuma go raibh sé dorcha, scáinteach bhí drochmhuinghin agam go n-ídeóchadh sé é féin: drochamhras: griogadh aigne gur b'é a bhí 'n-a cheann. Cladhaire ceart go mbíonn drochmhuinghin aige as gach aonne: duine gur dóigh leis gur cladhairidhe gach aonne do choidrigheann sé. Drochmhuinghin seadh an bád anacair seo: conntabharthach dul 'n-a treis. Síol drochmhuinghine a theip ar mhórán: budh dheacair dóchas fásta do bheith as a bhfuil déanta aige.

drochmhuinghineach: *a.* gan an aigne do bheith claon lé deimhnightheacht go mbeadh an mhaith lé teacht: bheith gan iontaoibh nó dóchas. Bead drochmhuinghineach asat go bhfeicead airís thú, mar is mór í do chonntabhairt: bead i míodhóchas t'fhillte. Budh dhrochmhuinghinighe dhom dul ag lorg ar an té atá ar bheagán ná an té go bhfuil an bhreis aige: is leis is lugha bheadh coinne agam mo loirgireacht d'fhagháil.

drochmhúinte: *a.* táthaireach, aithiseach, béalbhorb: neamhmín, neambanamhail. Teallaire drochmhúinte ná leigeann aonne tharais ar shráid ná ar mhargadh: gan tabhairt suas a bhíos ag péacadh fén uile dhuine: droichmheastamhail 'n-a thuairm féin ar an sluagh maidir lé n-a thábhacht féin. Drochlabharthach lé fear ar lic a theinteáin féin, ní drochmhúinte go dtí é: gan fios a bhéas. Is drochmhúinte an béas duit bheith ag itheadh de bharr do scine: gan bheith gnásmhar.

drochmhuireann: *b.2.* bainchéile gan chrích: tigheasach (mná) gan ghastacht. Is í mo bhean an drochmhuireann ná snigheann a's ná fuaghann: gan adhar a beathadh innte. "Drochmhuireann tighe inghean" (rádh): ní fhéadfadh sí bheith chómh maith le chéile duine.

drochnós: *f.3.* nós nó béas olc: cuma nó slighe (gnótha) ná bíonn ar fóghnamh. Drochnós tobac do chaitheamh roim biadh: béas díoghbhálach. Ag cleachtadh gach drochnósa, meisce, drúis, sluid: gach iomchar in aghaidh na subháilcidhe.

droch-obair: *b.2.* iomard: mioscas: olc. Droch-obair achrann do dhéanamh gan adhbhar: rud a bhunuigheas mioscas agus buadhairt. Beidh droch-obair annso mara ndéintear

síothcháin eatartha so go bhfuil fonn fola ortha: beidh iomard mór ann. Tiocfaidh droch-obair as an gcogadh so: beidh buadhairt agus scrios ameasc daoine.

droch-oineach: *f.1.* cóir bhocht: neamhfháilte: neamhfhéile. Táir i dtigh an droch-oinigh anois, mair ar a bhfuil ithte agat: tigh doranna, ná fuil flúirse bídh. Ó chian a's athchomair bhítheas ar an dtórramh a's is ann a bhí an droch-oineach: an t-easbhaidh bídh a's dighe. Tugadh fuath don áit dá mhéid an bualadh daoine a bhíodh ar an dtigh ósda, toisc a dhroch-oineach – drochleapacha a's droichbhiadh: drochchóir: coinnimh olc. Cad tá buaidhte againn lé bheith droch-oinigh leis de chion uaire a's go mbíonn sé fial linn: neamhfháilteamhail.

droch-rádh: *f.3.* tuairisc nó cainnt olc, chealgach. "Deirtear gur mac toghartha é" – "níl ann ach droch-rádh na ndaoine": cainnt chealgach chun droichmheasa do chur amach. Ní fearrde droichghníomhartha droch-rádh: taidhbhsighead níos measa nuair innstear lé goimh iad. Ar airighis an droch-rádh?: an chainnt i dtaobh tubaiste nó míghnímh. Gaedhilgeóir maith é ach an oiread droch-ráidhte do bheith aige: cainnteanna míriaghalta.

drochráidhteach: *a.* drochthuarasghabhálach, neamhmín as an mbéal, salachlabharthach. Cuir neamhshuim ann, bíonn san drochráidhteach ar gach aonne: ag tromaidheacht. Dá ngeárrtí an teanga dhrochráidhteach san as do chlab b'fhearrde tú féin agus na comharsain é: siosarnach go mailíseach. A leinbh, ar éirghe suas duit ná bí choidhche drochráidhteach lé mnaoi: ná can glórtha tarcuisneacha, míriaghalta léi. "Céaca Seán nó Tomás is gáirseamhla béal?" – "is drochráidhtighe Seán": is uaidh do thagann na cainnteanna is míomhánla, mímhiochaire.

drochrath: *f.3.* mío-ádh: drochbhail: drochthoradh: teip. Drochrath ag leanamhaint a chuid bólachta gan bainne, gan leamhuisc, gan bláthach aige: gan pioc tairbhe. Drochrath ort! mar mhadra drochmhúinte ná déanfadh lán mo bhaise orm: mo mhallacht ort! I ndeallramh 'si gcumas níor bh'féidir locht d'fhagháil air gur éirigh an drochrath dho, gur imthigh a bhean uaidh: tubaiste mhío-ádhmharach. D'imthigheadar go léir leis an ndrochrath: sháruigh an mío-ádh iad uile.

drochrathmhar: *a.* mío-ádhmharach: drochthorthamhail. Síol drochrathmhar nár fhás gráinne dhe: síol neamhthorthamhail: nár lean toradh é. Duine drochrathmhar dob eadh riamh me, dá mhéid cao fuaireas ar dhul chun cinn, ní dheaghas: gan ádh an tsaoghail do bheith liom. Turus drochrathmhar dom dul ar lorg oibre go hÁth Cliath: turus in aistear.

drochribe: *f.4.* drochchrot (aimsire), cuma fheargach nó dhíoghbhálach. Tabharfaidh an oidhche anocht "ceól" uaithe ar an ndrochribe atá uirthe: anchuma droichshíne. Ar an ndrochribe atá air déanfaidh sé "sceanach": an deallramh drochfhuadarach. Sid é drochribe an gheimhridh agat: "nimh" an gheimhridh: feannaideacht.

drochrud: *f.3.* rud nó nidh olc nó gan mhaitheas. Déinim drochrudaidhe an domhain ar bhéal na ndaoine: gníomhartha olca. Seachain an drochrud (rádh): ná bain leis an olc: ná bac leis an nidh gan mhaith dá bhfaghfá in aisce é, fiú amháin. Drochrud agat-sa gach

aonnidh: ní thaithnigheann faic leat a thaithnigheas lé neach eile. Drochrud an chneadh san: tiocfaidh olc aiste.

drochrún: *f.1.* toil olc: aigne chlaon: discréid nách fearrde a innsint. Fear go bhfuil drochrún agam air é sin: go bhfuil eolas agam ar rud olc fé cheilt atá déanta aige nó go bhfuil cionntach ann. Ag cothughadh drochrúin a marbhtha ar feadh na mbliadhan a's ag brath ar chao a dhéanta: ag congbháil beathuighthe ar cheapadh uaigneach na hincheann. Dá mbeadh do dhrochrún agam, an formad go léir fé mhaith shaoghalta an duine thall bheadh deargnáire orm: smaointe neamhchneasta, neamhmuinnteardha.

droch-ruthag: *f.1.* neamhfhoidhne, ceannuaiscne, neamhréamhaire: baothluas, rith olc roim léim fhata, ruthag (leis): an rinn ghéar laistigh síos de bharr an dubháin chun dulta in achrann san iasc; níor fhan an breac ar an ndubhán lé maoile an ruthaig. Beir fada air, feic chughat a's uait, seachain droch-ruthag, mar nách mórán toghadh na haire i gcúrsa thábhachtach mar é seo: baothluas: mire gnímh gan machtnamh. An droch-ruthag i gcómhnaidhe, féach cad tá déanta anois agat, labhair thar t'uain: míofhoidhne: deifir aigne. An iomad droch-ruthaig an locht is mó air: sádhann sé chun ruda gan cuimhneamh ar thoradh a ghnímh. Thugas droch-ruthag fé dhul treasna an bheilichín a's d'imthigheas i leith mo chinn 'on pholl: rith mhanaoiseach. Duine droch-ruthaig: míofhoidhneach. Seachain tú féin air, bhuailfeadh sé "ar fighe fiodha" thu, tá sé lán den droch-ruthag: ceal faidtheadhlaighe: déineann sé rud as "mhaoil an bháidhe".

drochshompla: *f.4.* sompla nó coipidhe olc, míriaghalta. Drochshompla do leanbhaidhibh óga drochchainnt: treóir lé n-a leanamhaint. Gach focal as a bhrághaid drochshompla - na nidhthe adeir sé threóróchaidís daoine ar a n-aimhleas: drochchoipidhe. Deineadh drochshompla dhe anuas ar an dtalamh: bhuail iomard é gur ghráin leat é.

drochshaoghal: *f.1.* cruaidh-aimsire: beatha dhona: neamhaoibhneas. Nuair chídhtear drochchóir bídh, gainne nó gannchúise aon ruda, duine d'eiteach, etc., deirtear "tá sé n-a dhrochshaoghal ambas": tá dian. Nuair chídhtear duine lé díomhaointeas nó ghá aoibhneas fein, deirtear: - "níl aon drochshaoghal agat". Beidh sé n-a dhrochshaoghal ar thobac feasda gen gcogadh: beidh a ghainne ag cur ar dhaoinibh. Cailleadh na céadta lé linn an drochshaoghail: in aimsir na gorta. Ní bheidh an drochshaoghal agat ag obair do: beidh biadh maith agat, agus ní bheidh dianobair ort.

drochsháthadh: *f.1.* seáp nó fogha nó eitim ghránda, neamhfhearamhail nó conntabharthach. Oidhche róghéar ar an bhfarraige gur thugadar drochsháthadh dhóibh féin a's gur báthadh iad uile: eitim chonntabharthach: drochruthag. Choidhche ní tugtha do dhuine drochsháthadh do thabhairt do féin: tabhairt fé rud do dhéanamh gan machtnamh ar iarmairt na bearta. Róleagtha leis an ndrochsháthadh is baoghalach gur tinn do tráth éigin: tugtha rómhinic do dhul i gconntabhairt. Sciob sé ar fhéad sé den a raibh ar an mbórd nuair fuair sé drom na mná leis. Thug an díorma árd-dhrochsháthadh dhóibh féin isteach i ngabhal cnuic, mar ar ionnsaidh an namhad ó gach taobh iad, nár fágadh fear dóibh beó: ruathar éigcéillidhe: seáp ná raibh aon eólas míleatachta ag baint

leis. Féach air sin de dhrochsháthadh: fogha gránda an bhitheamhnaigh. Fuair sé drochsháthadh scine i mbruighin nár théarnuigh riamh uaidh: ropadh nó tolladh an-olc.

drochshláinte: *b.4.* luigheachán olc, séagaidheacht, ceal folláine cuirp, leiceacht. An bhfuil drochshláinte indiugh ort? tá? ní hiongadh san ar ar ólais: meathbhreóidhteacht. Choisc an drochshláinte é, bhíodh ann as sa leabaidh, ar aon obair chóir: gan bheith ar fóghnamh. Tigh drochshláinte: líon tighe go mbíonn ceasnaidhe ar dhuine éigin aca in aghaidh an lae. Sid í do shláinte, a's ní hí an drochshláinte í, ar mh'anam-sa san: ólaim id chuibhreann go dúthrachtach lé súil go mbeir ar fheabhas.

drochshláinteach: *a.* lag i gcorp lé breóidhteacht, breóidhte, éiglidhe, leice. Ag tuaradh an bháis leis na ciantaibh, drochshláinteach ar a leabaidh fé chúram dochtúra: folláine an chuirp tréigthe air. Is mairg don té ná bíonn breóidhte bheith ag gearán seachas bheith drochshláinteach: breóidhteacht: luigheachán cómhnaidhtheach. Léan ar an súmaire, bíonn "buinneach nó buinnleac" éigin i gcómhnaidhe air, ní fheaca riamh ach drochshláinteach é: gan bheith ar fóghnamh.

drochshláinteamhail: *a.* drochshláinteach: ionchosc sláinte. B'éigean do teacht abhaile 'on Eóraip uair sa tarna bliadhan ón Afraic, bhí an ball chómh drochshláinteamhail san: cailleamhnach ar an sláinte. Is é an duine is neamh-dhrochshláinteamhla ar m'eólas é: is folláine, fuilingthighe. Biadh drochshláinteamhail iasc guirt i gcinn gach béile: beith ghá itheadh do shíor bíonn díoghbhálach do chóras an chuirp.

drochsmaoineamh: (**-smuaineamh**) *f.1.* smaoineamh, ceapadh olc nó urchóideach. Na drochsmaointe a bhíos ag rith im aigne, feilebhitheamhantaidheacht agus drochráidhte, go maithidh Dia dhom iad: teadhanna na hincheann: stáideanna inntine. Ní haon drochsmaoineamh cuimhneamh ar an anam bocht ar uair chathuighthe an pheaca: machtnamh maith: teadh maith: rud do geintear san inchinn.

drochstáid: *b.2.* drochaiste: an toisc (olc) a bhíos ar aonnidh. Tá m'anam ar dhrochstáid: gan bheith glan ó pheacaidhibh troma. Má leanann an Ghearmáin ar an bhfuadar atá fúithe ag sungcáil áthraighe beidh luingeas ceannaigh Shasana ar dhrochstáid fé dheireadh an gheimhridh: i gcruadhchás: beidh thiar uirthe: drochaiste.

drochthásc: *f.1.* drochthuairisc, teist olc. Fuaireadh drochthásc air deich mbliadhan tréis é d'imtheacht lé "fán an tsaoghail", gur mhairbh daoine fiadhaine é: scéala olc. Sin é drochthásc atá air nách ceart aonnidh luachmhar d'fhágaint ar a iontaoibh, mar go ngoidfeadh é: tuairisc ameasc daoine. Ag cur drochtháisc orm go mbím ag ól a's go mbuailim mo bhean: ag leathadh scéalta chun mo dhí-mheasta.

drochthráth: *f.3.* uain nó aimsir neamhoireamhnach, olc, neamhéascaidh. Drochthráth a tháinighis ag triall ar an ndochtúir ar mheádhon oidhche an turcaidhe a's gur deacra é do chur as an leabaidh ná mairbh as uaigh: neamhéascaidh: neamhfhábhrach. Ná toigh drochthráth chun curtha, lean de ráth na sean a chuireadh lé tosach an rabharta: am ná beadh an rath dhá leanamhaint. Ní haon drochthráth tráth an bhídh .i. duine do theacht lé

n-a linn agus fáilte a chaithte bheith roimis. Drochthráth d'aonne éirghe coitchianta ar a deich a chlog: as meón.

drochthráthamhail: *a.* neamhoireamhnach: neamhéascaidh: toghtha go holc. Feirmeóir drochthráthamhail ná cromann ar bhranar go mbíonn geamhar ge n-a chomarsanaibh: ná freagrann an t-am cóir, saosúrdha. Díshealbhuigheadh é as a bheart toisc an ama drochthráthamhla thagadh sé i bhfeighil oibre: mall: déidheannach. Traen dhrochthráthamhail dob eadh traen an Daingin riamh: ná fágadh a's ná tagadh ar an uain bheartuighthe. Líon tighe drochthráthamhail sinn, áirneán agus codladh go headarshuth: ní luighimíd leis na gnáthuairibh. Uain drochthráthamhail den mbliadhain an geimhreadh chun ionnsaidhthe (catha) do dhéanamh, pludadh go glúinibh ar an dtalamh a's drochbhóithre: gan an ionbhaidh cheart ann chun ratha na hiarrachta.

drochthuairm: *b.2.* drochamhras; drochmhachtnamh gan eólas cinnte ná aon deimhniughadh gur féidir adughadh air: droichbhreith: drochmhuinghin. Níor thugais aon drochthuairm fé bhrigh an fhocail, níl agat, ach taoi "ins an tor is giorra dho": an smaoineamh a bhí agat ní raibh go holc. Ná bíodh aon drochthuairm agat dom, nílim ar do thí: ná machtnuigh go bhfuil fonn do dhíoghbhála orm. Tá drochthuairm don aonach so chughainn: meastar ná beidh luacha móra ann. Caitheadh drochthuairm orm nuair connacthas mé ag fairghis tímcheall áite ná raibh cead ná cúram agam: thuigeadh go rabhas ar tí ruda do dhéanamh as an slighe. Ná bíodh aon drochthuairm as agat, tá fuadair mhaithe fé: ná bíodh mío-dhóchas ort 'n-a thaobh, tá imtheacht mhaith fé. Drochthuairm as gach aonne aige: a mheas nách maith cách nó nách ionmhuinighne. Iarracht drochthuairm thugas, cheapas ná raibh an Sceilg ach fiche míle as so, a's dar ndóigh tá os chionn a dachad: breith neamhchruinn. Níl aon drochthuairm aige: tá breith mhaith aige.

drochthuairmeamhail: *a.* drochamhrastamhail: drochmhuinghineach: neamhiontaoibheach. I nduine drochthuairmeamhail ní chuirfinn puinn spéise: duine gan breitheamhantas forasta, fuaimeantamhail. An té seo d'áirighthe tá sé drochthuairmeamhail go maith, ní chuirfinn tharais ná gur bh'é a scéidh: bheadh droch-amhras agam air roim aonne eile. Nách drochthuairmeamhail ataoi asam a's gur dóigh leat go gclisfinn ort: nách lag an meas fir atá agat orm. Sé an locht is measa air gur drochthuairmeamhla as féin é 'ná mar is ceart, mar tá feabhas thar barr ann: gur lugha muinghine: níos neamhmhórdhálaighe: níos séimhe.

drochthuairisc: *b.2.* cunntas olc, neamhfhabhrach: ráfla dona: faisnéis neamhthaithneamhach. Sin é an lá do fuaireas drochthuairisc bháis m'athar go hobann: cunntas suaidhteach. Tugtar drochthuairisc lastuaidh air, diúltuighim do, ach sin é rádh na ndaoine: fios nách maith an earra é: go bhfuil locht éigin air. Drochthuairisc do thug sé ar a thuras, níor chuir sé síos ar leath a dtárlaidh: cunntas neambeacht. Ar shroichstint drochthuairisce chatha Ghleanna Mhaolmhuire dhóibh d'órduigheadar Dún an Óir d'ionnsaidhe: cath gur cuireadh an lámh uachtair ortha.

drochthuairisceamhail: *a.* drochchunntaiseach, drochscéalach. Ní fhéadfadh gan bheith drochthuairisceamhail 'n-a ríomh ortha, mar nár thuig sé a dteanga agus gur gheairrid do bhí 'n-a measc: an cur síos gan bheith dréir mar bhí stáid cheart na ndaoine. Deir seisean

nár deineadh ach é do ghortughadh, is drochthuairisceamhla mo chunntas-sa i bhfad gur marbhuigheadh é: is mór gur measa an nidh atá agamsa 'n-a thaobh. Seo chughainn giolla na drochthuairisce: caonaidhe ná bíonn choidhche aige ach an droichscéal. Olc nó maith iad ní fheadar céaca, ach go bhfuiltear árd-dhrochthuairisceamhail ortha: na nidhthe adeirtear 'n-a dtaobh ní ar feabhas iad. Bítear drochthuairisceamhail air, an tslighe thiomáineann sé gluaisteán: tiomáint olc a theist.

drochthuar: *f.1.* drochfhuadar: droichimtheacht: réamhchómharthaidhe a fhoillsigheas nách maith ná cóir mar éireóchaidh. Drochthuar threabhadóireachta droichchéachda: ní gábhadh acht féachaint air gan bac a thásdáil go mb'fhios nách maith é. Drochthuar feirmeóireachta bheith ag cnáimhseán ar Aire na Talamhaidheachta: ní cómhartha fonn oibre é. Drochthuar cogaidh gan aon mhaith bheith 'n-a n-árthaighibh aoir: sé tát atá lé baint as ná gur díomhaon a n-áis cómhraic. Drochthuar mná tighe seadh í: an deallramh 'san chuma atá uirthe chuirfeadh in iúil d'aonne dá dhaille ná déanfaidh sí aonnidh cóir. Dá mbeadh duine tréis bháis a's go mbeadh breóidhte i bhfad roim ré déarfí "is fada ghá dhrochthuar é" .i. b'fhuraist aithint go bhfaighead bás. Drochthuar iascaigh do dhoradha bheith ag briseadh .i. má leanann de beifear gan iasc. Sé sin drochthuar a bhí fé go ndéanfadh sé rud éigin a thabharfadh náire dho: ar an imtheacht a bhí fé níorbh fhéidir a malairt do chur fé n-a thuairm.

drochuain: *b.2.* $_{7}$ *5.* seal olc (aimsir): drochbholg uisce, stoirm drochshláinteach. Is do nách iongadh, is iomdha drochuain beartha air, fuar, fliuch, feannaideach: seal olc aimsire mar drochlá nó drochoidhche síne: droichscríob. Nára gabhtar againn thu agus teacht 'n-a lithéid de dhrochuain - táir fliuch go smior: scríob (bháistighe). Árd-dhrochuain ag an árthach ag teacht ó Mhearaice, briseadh a's brughadh a báid ar bórd: turus an-olc. An chéad cheann níor thóg sí mórán uisce léi, ach an tarna ceann, drochuain mhillteach dob eadh í a líon go raoisigh í: tonn mór. Beireann drochuanacha a dhotháin ar an bpost leis, má bheireann ar aonne, a chos ar an mbóthar idir gheimhreadh a's shamhradh: tamallacha olca: "ná cuirfeá do mhadra amach". Nách tu fuair an drochuain os na halfraitsidhthe ghod shuaineáil a's ghod bhualadh: déanamh dona.

droch-úramh: *f.1.* drochoineach: iostas aindeis: droch-chóir bídh. Ar imeall cheanntair an chogaidh bhíodh na daoine ag séagughadh ar dhroch-úramh mar nár saothruigheadh barraidhe: biadh. Tigh an droch-úraimh fan as nó tabharfaidh gorta dhuit: droch-chóir bhídh agus iostais ar gach cuma. Sin é deir a dhroch-úramh leis: ní hiongadh a dhroch-chlódh a's an droichbhiadh a bhíos aige. Prátaidhe a's salann droch-úramh.

drochúsáid: *b.2.* droichíde: droich-cheann: droich-chaitheamh: droichiomchar: neamhaire (do rud). Ó, ar mh'anam gur b'é siúd atá aireach air féin, gur beag drochúsáid do thabharfaidh do féin, moch ná déidheannach: ná déanfaidh sé aon rud a chuirfidh duadh ná suaineáil cuirp air féin ná suathadh ar a shláinte. Ní fhéadfadh an drochúsáid gan labhairt sa deireadh, an fliuchán, an chruadh-obair 'san drochúsáid thar an gcuid eile ar fad. Fuair sé an iomad drochúsáide go bhféadfadh teacht chuige féin chómh luath san, nár teilgeadh amach as an ngluaisteán é fiche troigh lé port!: an iomad basctha: droich-iondramháil. Ní leasóchadh Éire, féach, an t-iasc a gheibheas an iomad drochúsáide, ghá chaitheamh thall 'sabhfus gan aicillidheacht do thabhairt do: láimhseáil olc. Mara

mbeadh an drochúsáid do fuair an scian san a dhein meilit di, b'fhada is scian í: ceal aire: ghá cur ag déanamh nidhthe nár bh'oireamhnach di. Ná bí ghod dhrochúsáid féin lé hualaighibh troma, dhéanfá maidhm seicne ort féin ar "thap an tairnge": ag cur chun rud do dhéanamh thar riocht do nirt. Ghá dhrochúsáid féin lé póit, ragairne a's deireannaighe: ag déanamh díoghbhála do shláinte. Thugadar drochúsáid chainnte dá chéile gur cuireadh príosún ortha 'n-a taobh: cainnt ná raibh banamhail ná cneasta. Tagann an drochúsáid lé duine luath nó mall, is cuma cá fhaid bheireann na cosa leis: goilleann an droichdhéanamh ar a shláinte.

drochúsáideach: *a.* claon lé drochúsáid, droichdhéanamh etc. Cad is drochúsáidighe 'ná obair na ngualadóiridhe, ualaighe troma a's iad féin "chómh dubh lé tóin an phúca": is cruaidhe ar neart an chuirp. Nách drochúsáideach an duine ar éadach thú, féach an íde atá ar an gculaith bhreágh san a bhí nuadh ráithe ó shoin: laitiméireach: díoghbhálach. Ná habair liomsa nár tugadh iondramháil dhrochúsáideach dos na brógaibh seo ar an gcrot aindeis atá ar a mbonnaibh anois: déanamh nár féachadh do n-a mbail. Dá mbeadh an teanga dhrochúsáideach san aige gearrtha amach b'fhearrde an ceanntar é: masluightheach: aithiseach, tugtha do bheith ag fógairt íde.

drochúsáidim: *b.a.* tugaim droich-cheann nó droichdhéanamh do: masluighim, aithisighim, táinsighim, mí-iondramhálaim. Ná drochúsáid me: seachain me: ná déin mo bhascadh: bí aireach liom. Dhrochúsáid sé an capall; budh mheasa don ainmhidhe an droch-úramh a fuair sé 'ná na hualaighe móra cuirtí féin air: b'fhada ó cheanúireacht an déanamh do tugadh do. Chómh dearbhtha a's tá biana ar bhata bacaigh, drochúsáidfir na leabhartha ar an ngiobaireacht atá agat ortha leis an siosúr: déanfair drochchlódh do thabhairt ortha. Drochúsáideadh an corp thar aithne, bhí sé rófhada ar muir a's é dhá smiotadh ameasc cladach a's fiadhchloch: brughadh é. Ó, a thiarcais! nách é a chuid airgid, a's "na leaga liatha" aige dhe, a dhrochúsáid sé, ná fuil feoirling ruadh anois aige: gur ghaibh sé tríd gan bun gan barr. Drochúsáideann drochthairngnidhe bonn aon chapaill: laitid é. Beidh sé buan, duine ná drochúsáideann é féin: a thugas aire dá neart.

droibhéal: *f.1.* cruadhtan, constaic, deacracht: drochbhall: talamh bocht, "cloigeann" (talamhan). Is mór an fonn marbhtha atá ortha gur b'é an droibhéal, lé holcas na talmhan, atá ghá gcosc ó chéile: olcas gluaiste. Maisle chuige! dhíolfainn "ar mhargadh an tseanchorcáin" é an seandhroibhéal, tá mo chroidhe a's mo shláinte briste aige d'iarraidh toraidh do bhaint thiar as: leirg gan mhaith. An droibhéal atá isteach 'samach san mbaile achrannach céadna dhroch-úsáidfeadh sé na mílte: an cruadhtan gluaiste nó corruighthe. Bead mall déidheannach, mar ná fuil romham ach an droibhéal, ciseach, bog, míofhóirtiúnach: bealach an anróidh. Mo thruagh thu, ná cuireadh na droibhéil sin aon fhaitchíos ort, is beag agatsa, bail ort, iad do shárughadh: cruadhtain: deacaraidhe daingeana. Ní droibhéal go dtí é, dul thar lear, anois agus an bhóchna lán de "phléasclachaibh": conntabhairt agus deacracht. Casán droibhéil do chapall é, tá sé róchaol ródhearc lé taisteal.

droichbhéal: *f.1.* béal olc, lag, teanga ghiorraisc, mhasluightheach. Budh dhóigh leat go raghadh an tigh tré theine leis an droichbhéal atá air, a mhíobhanamhla a's labhrann sé: cainnt ghránda, bhorb. Má fuair fear droichbhéal ó uachtarán riamh is me fuar é toisc an

méid dearmhad a dheineas, níor fhág sé “thíos ná thuas orm é”: “d’ith sé im bheathaidh me!” “Is gránda an droichbhéal ar fhear nó ar mhnaoi” (rádh): bheith borblabhartha: gáirseamhail. Ní fearrde aonne i ndiaidh a dhroichbhéil: tugann sé “íde na muc a’s na madraidhe” ar an iarthar (mórán). Capall go bhfuil droichbhéal aige a’s ná fuil aon fhulang ar bhéalbhaigh láidir aige; neamhfhuilngtheach: go ngoilleann béalbach air. Tiocfaidh drochobair as an ndroichbhéal san. Mo chroidhe ’on diail! go bhfuil sé ag lobhadh! béal anthinn: cneádhach. Droichbhéal an chuasa an fáth nách féidir linn cur chun mara: an scórnach aige: an colbha. Droichbhéaltacha farraige ag gabháil lastuas dinn: camóga móra briste. Bead ancheanamhail ort ach gan aon droichbhéal do thabhairt dom: masla teangan.

droichbhéalach: *a.* aithiseach, masluightheach, tarcuisneach. “Is oth liom”, ars an giúistís ná féadfainn dréir achta na dlighe a thuilleadh duaidhnéise do chur ort, mar lém ré ar an mbinnse, níor tháinig neach treasna orm is droichbhéalaighe ’ná thu maidir lé cainnt ghairseamhail, míobhanamhail: drochchainnteach: tarcuisneach as an dteangain. Is tú an duine is neamh-dhroichbhéalaighe ar m’eólas, níor airigheas riamh an drochfhocal agat: is miochaire agus is neamh-dhrochmhúinte.

droichbhean: *b.* bean olc, urchóideach, neamhfhlaitheamhail, doithigheasach: striapach. An amhlaidh a dhéanfá droichbhean díom-sa? seachain tú féin!: an mbeadh sé dhá thaidhbhreamh duit nách bean cháidh me. Sin í an droichbhean i mbun tighe, is beag gur bhain a bólacht an tart de: bean gan chroidhe flaitheamhail. Droichbhean tighe seadh í, an leadhbóg bhocht, níl aon chruinniughadh ná cur chun cinn innte, gach aon rud ag leaghadh trí n-a lámhaibh: coimeádaidhe aindeis tighe. Dhein na póilínidhe fogha ar thigh ann go raibh de dhroichtheist air go mbíodh drochmhná ann: mná “maithe”. Smachtóchadh gach aonne droichbhean ach an té go mbeadh sí aige: báirseach mná.

droichbheart: *b.3.* beart nó gníomh gan mhaith: drochmhaitheas, ionad (beatha) gan mhaitheas. Tréis na ndroichbheart ar fad mhaitheadar féin dá chéile a’s nascadar cáirdeas: an masla a’s an díoghbháil do thugadar dá chéile. Is fada ó dhroichbheart carthanacht: gníomh maith carthanachta. Nár agraidh Dia ár ndroichbhearta orainn Lá an Luain: ár bpeacaidhe olca. Lé neamhchoinne dheineas droichbheart, budh cheart dom fios do chionntachta nó do neamhchionntachta do bheith agam sarar chuireas aon rud id leith: gníomh nár chóir. Ná bíodh an droichbheart ar do láimh choidhche, ná heitigh aonne má fhéadair: gníomh neamhfhial. Níl agam déanta ar an lá ach droichbheart - ní raibh an fearas ceart, oireamhnach agam: obair neammhaoidhteach atá déanta agam: ní mór de bharr an lae atá agam. Iomard nó ósbairt éigin ar an gcríosdaidhe i gcómhnaidhe i ndíol ar an ndroichbheart go bhfóiridh Dia orainn: cúiteamh corpardha as ár bpeacaidhibh. Cad eile ach droichbheart ge scoláire slachtmhar mar é, dhá phúintín sprionnlaithe sa tseachtmhain!: ionad beatha sprionnlaithe bocht. Fuairthéidh bocht a dheineas droichbheart des gach aon ghnóth a ghaibheas ’n-a chúram air: iarrachtaidhe (oibre) neamhthoramhla. “Is fada í iarsma na droichbhearta (droichbheirte), agus imthigheann an mhaith leis an uaigh” (seanrádh): an té a ghníos olc fanann a chuimhne tréis a bháis agus is an-mhinic ná cuimhnightear ar maith.

droichbheartach: *a.* droichdhéanta uilc: droichghníomharthach, neamhfhial, sciotuighthe, sprionnlaithe. B'é an fear droichbheartach é agus a lámh san roinnt nár scaoil cuid, beag nó mór, ar a raibh láithreach: sciotuighthe: neamhfhlaitheamhail. Sháthfadh san thu chómh pras is fhéachfadh tharais, tá aigne droichbheartach aige: bheith ag cothughadh an uilc. Bád droichbheartach nár baineadh oiread agus pingin riamh as a cuid maitheasaidhe: ná fuil maith ar bith innte. "Is mé an té is droichbheartaighe ar m'aitheantas", ars an fear mánla, cúthail: is measa. Iascaire droichbheartach léd dharadha thu, oiread agus breac níor ruibis ó mhaidean: ar díth gnímh.

droichbheartaidheacht: *b.3.* manaois nó faillighe lé linn gnímh: neamhéirightheacht iarrachta míothapaigean. An-dhroichbheartaidheacht a dheineas ná rug ar an dtraen a's am go léir agam dá ndéininn aon sprioc di: ní rabhas pras chun "beartha ar an uain ar an úrla": lé manaois scaoileas mo chao uaim. Droichbheartaidheacht dob eadh gan féachaint an raibh an gluaisteán ionbhóthair sar ar fágadh: ceal tuisgeana: faillighe gan ghábhtar. Budh mhór an droichbheartaidheacht dos na himireóiridhibh gan báide (báire) do dhéanamh as an pheil i mbéal an bháide: gan dul 'n-a cóir i gceart. Droichbheartaidheacht do dhéanfair ins na brógaibh sin, taid róthrom: droichtheasbáinteas. De gharsún bheag níor dhein sé aon droichbheartaidheacht an t-ualach mór san d'iomchar: droch-obair. Dá gcuirfeadh Dia fios orm ní fhéadfainn an teine do dheargadh, droichbheartaidheacht chorónta dhom: iarrachtaidhe ná raibh aon rath ortha.

droichbhéas: *f.3.* drochghnás: nós déistineach, drochnós, droichchleachtadh. "Faid mhairir féin go mairidh do dhroichbhéas" (seanrádh): an cleachtadh déistineach, míothaithneamhach go leanair de. Droichbhéas agam toitínidhe do chaitheamh roim béile na maidne: gnáthchleachtadh nách maith. Ag tabhairt droichbhéasa dhuit féin codailt go bolg an lae: gnáthrud nách sláinteamhail. Lán de dhroichbhéasaibh ní leigfeadh focal amach as bhéal aonne ach mar chaithfidh teacht treasna ort: drochmhúineadh. Bainfead-sa na droichbhéasa amach as do chreatlach: múinfead deighiomchar duit.

droichbhéasach: *a.* drochnósmhar: míothaithneamhach i ngníomh, droich-chleachtach. Droichbhéasach an dailtín é bheith ag itheadh de rinn a scine, rud nách gnáth ameasc chách. Labhrann aonne go droichbhéasach a thugas gach re seadh don duine thall: neamhchneasta: míomhiochair: neamhthaithneamhach. Budh dhroichbhéasach liom comaoin a dhroichtheangan do thabhairt do: níor réidhtigh lém aigne i dtaobh mánlachta. Créice droichbhéasach a thaithigh gach feille-ghníomh a tháirigheas agus a anuaisligheas an duine: nósa uathbhásacha tairbhéimeacha ar déanamh aige. Ná bí droichbhéasach it úrlabhra, ní cómhartha duine uasail é: tuatamhail.

droichbhéasamhail: *a.* droichbhéasach: droichthréitheach: droichiompair, drochshomplach, mío-mhodhmhail. Ní thaithnigheann a shlighthe droichbhéasamhla le haonne - ag caitheamh a sheile 'sag séideadh a shrón ar an úrlár: droichiomchair: nósa aige ná taithnigheann lé meón na ndaoine. Budh dhroichbhéasamhail an nidh don máighistir, dálta an scéil, os cómhair na scoláiridhe bheith ag mionnughadh 'sag tiomnughadh: iomchar a stiúrfadh ar bhealach a n-aimhleasa iad. Nidh droichbhéasamhail dhuit bheith ag stad 'sag cainnt lé gach aon "bhod a'bhóthair" a bhuaileas umat: gnás gránda.

droichbhéasamhlacht: *b.3.* ar dhóigh nó aiste droichbhéasamhail. Bí fuinnte, tráthamhail ar maidin agus ná tabhair mar dhroichbhéasamhlacht duit féin codailt go headarshuth, tuar leisce agus leadaidheachta é: taithighe drochnósmhar. Cad é an leigheas atá ag ainfhios air ná leanann droichbhéasamhlacht tuathalacht: mímhiochaire, ceal caoinis. D'iomcharóchadh sé é féin in aon chómhluadar, is fada uaidh droichbhéasamhlacht: ceal feasa ar cacd budh chuibhe do rádh is do dhéanamh. Do loisc Dia anuas ó Neamh lé teine agus ruibh Sodom le n-a droichbhéasamhlacht: ceal béascna, ceal riaghaltachta.

droichbheatha: *b.4.* slighe olc chun maireachtana: beatha urchóideach. Droichbheatha seadh cómhnaidhe i gcathair múchta, smúiteamhail i gcómhnáird leis an dtuaith ghlanaeraigh: maireachtant neamhshláinteamhail. Galaraidhe agus díthshláinte deasc do droichbheatha agat: marthain nár bh'eól di béascna ná riaghaltacht. Ní casfar a droichbheatha leis: maireann sé go béascnach (morálta). A mháighistir d'fhear oibre ní bhfaghfá i siubhal an lae ar an ndroichbheatha a bhíodh aige, ní fheadar an fear bocht cad é an blas ná dath a bhí ar gheannc fheóla ná ar bhraon leamhnachta: cothughadh cuirp gan fóghnamh. Droichbheatha atá ag an sagart so againn, ceanntar an-bhocht atá fé n-a dhlighinse: slighe mhaireachtana.

droichbhéile: *b.4.* droichbhiadh. D'aithneófá fear an chroidhe mhóir ar an ndroichbhéile féin: dá luighead bheadh aige roinnfeadh é. Droichbhéile droichshaighdiúir: an té ná cothuightear go maith ná bíodh súil lé gníomh uaidh. Ní har dhroichbhéile oibreóchadh aonne: cothughadh olc.

droichbhiadh: *f.* biadh gan mhaith. "Is fada siar do chuireann lucht an droichbhídh ós na sáthaigh: lucht an droch-chothuighthe ní bhíonn aon bhualadh aca lé lucht na n-ollmhaitheas.

droichbhreathnuighthe: *a.* aindeis-chlóidh, leice, báidhte, éiglidhe, neamhdheallramhtach. Mhol an dochtúir do geábh mara do dhéanamh nuair d'amharc sé an driuch droichbhreathnuighthe a bhí air, a shúile logartha, a leicne súidhte, an mhire ar easbhaidh 'n-a radharc: an chuma dhearóil, lagshláinteach. Dúthaigh droichbhreathnuighthe gan radharc dhá ghuirt agam ann, ghreadas aiste: gránda. Nách droichbhreathnuighthe ataoi tréis do sheachtmhaine, ní fuláir nó rug mórán ragairne ort: suaidhte: gan do ghnáthdhriuch. Annsúd, go saoraidh Dia sinn ortha, chídhfeá na radharcanna droichbhreathnuighthe, ball de dhuine a's ball d'ainmhidhe, na cuirp gan adhlactha, atuighthe, ar nós caide: gur dheacair féachaint ortha gan "casadh do theacht it aigne". Is droichbhreathnuighthe liom mar dhórnálaidhe é chun bheith 'n-a churadh: níl an deallramh air, dar liom.

droich-cheann: *f.1.* ₇ *3.* ceann gan éifeacht: rud amháin gan tairbhe: uachtar gan ceannúireacht (cneastacht agus cineáltas): droichdhéanamh, droichiontaoibh. "An té a thugas droich-cheann don éadach tugann an t-éadach droich-cheann do" (seanfhocal): an té ná tugann aire dá bhalcaisidhibh is geairrid ná beidh air ach na giobail. Níor bh'aon lá deór ná bróin di lá a éagtha, mar b'é sin an droich-cheann di, b'é an lá budh shéimhe a's

budh shuaimhneasaighe aice é ó chuibhrigh sí leis: uachtarán (céile) ná raibh cneasta ná lághach léi. An droich-cheann atá orm ní chuimhneóchadh ar faic gan é do scríobh síos: ceann cipín: gan glanmheabhraidheacht. Tóg an ceann maith agus an droich-cheann: ná bí rócháiréiseach: ceartéiseach. "Ní mór é mo mheas air" – "ní mór ná agam-sa, droich-cheann ceart aca": cladhaire bitheamhnaigh: duine lé seachaint. Nuair chuirfir chun mná, ná bíodh aon droich-cheann agat: toigh ar fheabhas í. Leig thart an té go mbíonn an droich-cheann air: aiteas: duine a bhíos corruighthe 'n-a inchinn. Leanndubh gan scabhárd ar an droich-cheann atá air: uachtar lag, daidhbhir. Níl aon droich-cheann ar na Gearmánaigh agus cuimhneamh ar an bpléasclach adamúis: inchinn mhaith aca. An amhlaidh a mheasfá go mbeinn ag déanamh droich-cheann (-chinn) díom féin agus a rádh leis bheith amuigh lé n-a chuid droichbhéas: ag gabháil ughdaráis chugham féin a bhéarfadh tarcuisne dho. Tógadh droich-cheann díom bheith ag turasadóireacht ar áit thoirmiscthe orm gur deineadh bráighe díom: drochamhras. Nách breágh gur b'é an droich-cheann des gach aonnidh do chuirir rómhat; an dóigh leat gur b'aon tuar ceana ort aca bheith ghá dtáinseamh: slighe ait chun éirighthe leat. Droich-cheann cogaidh: treóraidhe botúnach. Ní fiú thar an droich-cheann thu: díg.

droich-chiall: *b.2.* droichbhrigh (focal nó scéal): meabhraidheacht earraideach. Focal go bhfuil droich-chiall leis ná tagair os chómhair aosánach é: go bhfuil brigh neambéascnach leis. Is oth liom gur bhain sé droich-chiall as an méid adubhart, dar leis gur ag cur slán fé bhíos in ionad bheith ar mo dhícheall ag tabhairt mheabhrach do: drochthát: nár léigh sé i gceart an nidh a bhí ar maoith agam do. Droch-chómhairleach seanduine é bheith ag tabhairt droich-chéille d'ógaibh, ghá spriogadh chun drochaighnis agus táthaireachta: moladh nidhthe nách chun a leasa. Bíonn sé de leathscéal ag daoinibh a thaobhuigheas leis ná fuil aon chiall aige, nách maith atá droich-chiall na bleaigeárdaidheachta aige: nách pras é chun díoghbhála na leidhbe do thabhairt uaidh. Admhuighim go bhfuil cuma an-olc air, ach ní bhainim aon droich-chiall as san, mar fuair sé an iomad drochúsáide agus thiocfadh duine budh mheasa 'ná é suas: droch-thát(al) as a chan. Droch-chiall na droich-chéille dhom bheith ag caitheamh mo chuid cainnte lé duine neamhthuir: fastaoim tríd síos. Má tá sé béaloscailte féin, maith dho, ní bhíonn aon droch-chiall leis: meadhann sé go maith.

droich-chleachtadh: *f.1.* nós olc: gnáthbhéas urchóideach, díoghbhálach. Droich-chleachtadh ar an gcroidhe mórchuid rámhaidheachta: gnáthrud olc do. Droich-chleachtadh síorimirt chártaidhe; is ró-mhinic cearrbhaigh go tinn, bocht, brónach 'n-a ndiaidh: gnás baoth. Tá an chléir ag labhairt go teann in aghaidh droich-chleachttha rinncidhe déidheannacha, leadaránacha de thoisc go seólaid ár n-óga chun neambéascna: taithighe olc.

droich-chreatamhail: *a.* neamhdheaghchúmtha, neamhchórach, droichdheallraimh (déanta). Dragún aosta droich-chreatamhail seanduine casta, manaleatharach leis an aois: gan chuma, gan chlódh. Scruibile d'fhear chaol, cham chómh droich-chreatamhail agus leagas mo shúil riamh air: gan déanamh córach. Bád droich-chreatamhail seadh anois í: is iomdha anródh agus drochuain curtha aice dhi: imthighthe as a deilbh bunaidh: gan córaidheacht.

droichdhealbh: *b.2.* droichdhéanamh, déantús olc: míochumadh, mídhreach, éagcruth. Log i gcóir leanbh droichdheilbhe é, ná bíonn a mbaill beatha mar budh cheart: leanbhaidhe míochúmtha. Ní gheobhainn leis ar aonach ná ar mhargadh ná lé haon caonaidhe eile droichdheilbhe mar é, níl oiread cruite smólaighe aige!: gan aon chuma de dhéanamh an fhir air. Mara mbeadh é bheith ar dhroch-úramh ní hí siúd droichdhealbh a bheadh air, na cnámha ag polladh an chroicinn aige!: droch-chlódh. Droichdhealbh báid an dréacht san: an samhladha san níl cuma líomhtha air. Tabharfair droichdhealbh (-dheilbh) ar an dtigh más mar sin do shínir amach é, ná tabharfá a bhinnteacha dos na hárdaibh is measa sín?: droichleagadh.

droichdhéata: *f.4.* droichthréith, droichrith, droichmhianach. Deimhnigh dom aon droichdhéata amháin san bhfear go bhfaghfá locht air – fírinneach, fial, buantseasamhach: aon tréith olc a dhaorfadh é. Is maith sóghail an blas atá ar an bhfeóil sin, á, deirim leat ná fuil aon droichdhéata innte: cáilidheacht cháinte: rith maith. Aon droichdhéata amháin sa chapall san a's budh mhór an truagh é, nách fios duit cathain chuirfeadh sé stailc: locht an-mhór: drochnádúir. Ná bodhar me leis, droichdhéataidhe ó thóin ceann é: níl beith mhaith in ao'chor air: droichthréitheach.

droichdhéatamhail: *a.* drochcháileamhail, droichthréitheach. An rud ná fuil buan nách shin é droichdhéatamhail é ar an gcéad dul síos: sin cail olc go leór ann. Droichdhéatamhail aon éadach go mbíonn scruigeacha ann mar is cómhartha droichfhigheadh é: droichthréitheach: olc 'n-a dhéanmhas: beidh ceal buancais air 'n-a thaobh san.

droichdheór: (**deóir**) *f.5.* drochbhraon (folaidheachta): droichthréith nó droch-cháil dúthchais. Dá mb'eól céaca féith liom go bhfuil do dhroichdheór ionam, gheárrfainn amach asam í (ag cainnt lé gaol míothaithneamhach): an fhuil nách uasal. Ón dá thaobh bhí droichdheór na bitheamhantaidheachta ann: budh dhual do bheith 'n-a bhitheamhnach. Ní haon droichdheór an beathuisce sin: braon maith seadh é.

droichdhíol: *f.* (*-ta*) droch-chúiteamh: droch-chomaoin: drochluaidheacht. Is ort-sa an droichdhíol, a rud sprionnlaithe, maith do dhéanamh ort: ní fiú thú comaoin. Tréis "do chur ó bhais go bais" agus an cnoc úd thall do chur ar an gcnoc so abhfus do budh bheag leis mar dhroichdhíol ort gur iomdha dá bharr a bheadh amuigh aige: díolfaich gan fiú an bhuidheachais. Nár mhór é a ghrádh dhi gur chuma cad é an droichdhíol a thabharfadh do, tarcuisne, neamhshuim, neamhthuaith: an droch-chúiteamh: ceal buidheachais agus aonnidh do thabhairt i gcoinnibh an cheana. Is é an droichdhíol ar an dtalamh so leasughadh do chur air, mar ná tugann toradh ná bláth: ní fiú é faic do dhéanamh do.

droichdhíolaidhe: *f.4.* duine faillightheach ina chuid fiach, duine nách mian leis a luach do thabhairt ar aon earra: fear brabúigh i gceannaidheacht. Droichdhíolaidhe, b'éigean dá lucht cáirde an dlighe do leanamhaint air mar ná raibh aon fhonn air pingin dá fhiacha d'íoc. Is tusa an droichdhíolaidhe dá mhéid maitheas do déanfí ort is beag de chuimhne a chúitimh do bheadh agat: droichfheicheamh. Droichdhíolaidhe mise nár íoc m'fheicheamhna riamh (maoidheamh).

droichdhíolaidheacht: *b.3.* íoc neamhshásamhach: cúiteamh nách leór: díolfiach bocht. Droichdhíolaidheacht do dheinis ar an áit sin a's é do scaoileadh uait ar mhíle púnt gheóbhfá tuilleadh air ach fanacht righin: chuiris a chúram díot ar shaormhargadh. Droichdhíolaidheacht na clainne ar a máthair í leigeant go Tigh na mBocht: droichdhéanamh nó droch-chúiteamh as ar dhein sí riamh dóibh. Droichdhíolaidheacht ach gur fearr é 'ná bheith gan faic, fiacha d'íoc 'n-a smut fada, fánach: droichshlighe chun dualgais do chóimhlíonadh.

droichead: *f.1.* tógáil treasna abhann, bóthair iarainn etc. mar chasán nó bealach. Bhrisfinn droichead do shrón!: an faobhar ós chionn na coininne. An taca a bhíos thíos fé shreangannaibh gléis ceóil. Seo beagán airgid duit a chuirfidh thar droichead thu: a dhéanfaidh fuascailt ar do chruadhtan go fóill. Cad thárlóchad do? ní droichead ná gleann a bhí le cur de aige: aon áit go mbeadh aon tsaghas conntabharthach. Droichead sratharach: an chuid di i ndéanamh na stuagha, go mbíonn an réidhteach ag gabháil tríd.

droicheagla: *f.4.* eagla mór. Cuireadh droicheagla orm san áit sin, nách fearrde me riamh ó shoin, chonnac fear dhá mharbhadh ann: eagla a lonnuigheas liom. Teallaire mar thu, ní chuirfeadh aon droicheagla ormsa: gan aon spleádhachas leat.

droicheileagar: *f.1.* droch-úramh: biadh gan scabhárd. Ní gnáthach an óige do theacht go bláthmhar ar dhroicheileagar, té a's arán, arán a's té: biadh gan suiméar.

droichfhéachaint: *b.3.* (*-chana*) féachaint urchóid, silleadh olc súl: dearc go mbíonn drochaigne ann. Ní dhéanfaidh an duine breóidhte aonnidh cóir, tá eagla orm, ní thuarann a dhroichfhéachaint téarnamh: an crot atá ar a dhriuch. Cad é an bun atá agat leis an ndroichfhéachaint seo?: an silleadh súl so ná tuarann cneastacht ná grádhmhaireacht. Chuir droichfhéachaintidhe an fhir iasachta ar a pearsain faitchíos uirthe gur ghoir sí ar ghárda na traenach: na dearca ainmhianta ar a colainn. Dá mbeadh sé ar dhaoinibh macánta an domhain tá droichfhéachaint an diabhail aige: drochshúil.

droichmheónach: *a.* droichbheartach, drochaigeanta, meabhlach. Ní neach ar mhaithe liom a scaip bréaga orm ach duine droichmheónach ag síreadh m'uilc: drochsmaointeach fé aiste chách. Chómh droichmheónach san do nár chás leis ná go n-imtheóchadh a chómharsain 'sa gcuid leis an muir!: a aigne cómhnaidhtheach ar olc agus díoghbháil. Bodach droichmheónach gur bheag an nath aige bob do bhualadh ar chailín shaonta: amus nó rún chun a mhillte. Nach droichmheónach an t-ógánach fuadaramhail tú agus bróga tuatacha ort lá aonaigh a's breithnighthe: gan slighe ghalánta, ghasta ghléasta ná iomchair.

droichmheónaidheacht: (**droichmheónamhail**) *b.3.* stáid aigne ná bíonn claon lé deismireacht, neamhghalántacht maidir le hiomchar agus deighinnealltacht: neamhcháiréis. M'aithis é, droichmheónaidheacht duit dul ameasc an phobail lé bóna salach a's corrán féasógach: neamhcháiréis i dtaobh do chlóidh: manaois gan ghábhtar. Budh mhaith leis bheith chómh maith lé duine cé gur dhuine iasachta é, shín a lámh 'n-a phóca agus thug cion fir, ní raibh droichmheónaidheacht ag baint leis: fear preabamhail dob eadh é. Is cuibhe meónaidheacht ar aon nidh ach níl i ndroichmheónaidheacht ach

craos nó aineólas: dul thar ceart ar aon rud. Chaith sé droichmheónaidheacht leis an mbiadh, a rian tá masmus air indiugh: chuaidh sé thar teórainn ar an itheadh: d'ith sé breis is an ghnáthchuid.

droichnidh: *f.* aon rud olc nó urchóideach: droichearra. Droichnidh éigin ar do shláinte a's an drochchrot atá ort: máchail éigin. Droichnidh ní chuirfinn féd thuairm: ní dóigh liom go ndéanfá faic as an slighe ar aonne nó go ndéarfá. Droichnidh ólachán: droichbhéas go leanann iomard agus díoghbháil é.

droichscéal: *f.* droch-chunntas: eachtra olc. "Nár chloisimíd aon droichscéal choidhche agat" (seanfhocal): go raibh nuadhacht shubháilceach agat, mar is gnáthach leat. Droichscéalta thagann as do bhéal, ní éisteóchadh aonne leo: scéalta neambanamhla. Cloisear droichscéalta 'n-a thaobh: tuairiscidhe nách maise dho.

droichscéalaidhe: *f.4.* teachtaire ná bíonn nuadhacht thaithneamhach aige: eachtruightheóir neamhlíomhtha. Droichscéalaidhe aonne éist! ná beireann a eachtra cruinn baileach leis gan lúb ar lár ná áidhbhéis: droch-aithriseóir. "Ní droichscéalaidhe an aimsir" (seanrádh): is cuma cad é fáistine déintear, imtheacht na haimsire a dheimhnigheas an uile rud. Éist liom thu! droichscéalaidhe seadh é bhreis ar an ndall; ní chuireann sé a chuid cainnte dhe chómh bog, réidh, sonaoideach: aithriseóir gan ealadha cheart aige. Ní lugha liom an diabhal do chasadh liom ná droichscéalaidhe: duine go mbíonn aithris bróin a's iomaird aige.

droichscéalaidheacht: *b.3.* drochaithris. Eachtra mhaith an leabhar san ach an droichscéalaidheacht atá déanta air: níl sé cuibhrighthe in alt a chéile go minic: innsint aindeis.

droichsheasamh: *f.1.* achmhaoin olc, aindeis: neambuaine fulangtha nó trialach, gléine ait nó drochthuair san radharc. "Is fearr rith maith ná droichsheasamh" (seanfhocal): an té a theicheas ón uaschómhacht b'fhéidir go dtiocfadh an lá air go mbeadh sé i gcumas cath maith do thabhairt. Droichsheasamh a thabharfaidh na bróga san uatha, níl ach droichdhéata leathair ionta: ní bheidh buan. Ar an ndroichsheasamh a bhí 'n-a shúil d'aithneófá go raibh drochfhuadar fé agus go ndéanfadh sceanach mara ndéintí teasardha: glinneamhaint. Droichsheasamh do dhein an aimsir, ní bhfuairtheas ach coighcíos breágh: seal bocht breágh. Tugann na lasáin bheaga droichsheasamh uatha: bíd gan buancas mór. Thug an fear bocht droichsheasamh uaidh, is óg, luath d'éag sé: ní raibh fulang an tsaoghail ann.

droichsheóladh: *f.* droichstiúradh: droch-chómhairle, drochoileamhaint. Ar do ghastacht agus do mheónaidheacht, a gharsúin, níl aon droichsheóladh ag baile ort: foillsigheann t'iomchar go bhfuil tabhairt suas agus múineadh ort. Bheinn ar mhaithe leat agus déin rud orm, pé duine atá ghod dhroichsheóladh fógair don diabhal a's don deamhan é: ghod chur ar t'aimhleas. Tá an droichsheóladh riamh ag cur daoine amudha: ghá gcur ar a n-aimhleas lé droichtheagasc. Níor bh'aon droichsheóladh dhi dul sé lá go Mearaice ó Chóf: tiomáint mhear, phras.

droichshiota: *f.* ógánach míbhéasach, táthaire beag, meathaluighthe. Droichshiotaidhe a bhfuil de chlainn agam gan gnóth gan déanamh ionta ach a bhfuil de dhrochthagra 'n-dteangain: táthairidhe: rudaidhe míbhéasacha, gan mhúineadh. "Déin féin é, a mham", ars an droichshiota, "is córa dhuit 'ná dhom-sa".

droichspirid: *b.2.* (**droichspiorad**) spirid nó samhladha olc "ón saoghal eile": mímheanma. Droichspirid ná púca magaidh ná aon tsamhladha oidhche ní fheaca riamh. Táim i ndroichspiridídhe lé seachtmhain, tháinig droichscéal orm: ceal misnigh. Caith siar é sin, scaipfidh an droichspirid ded chroidhe: árdóchaidh sé do mheanma.

droichtheangmhálaidhe: *f.4.* duine a sheólas daoine ar a n-aimhleas: caonaidhe gur mhío-ádhmharach bualadh uime: caomhna nó seise urchóideach. Dá mb'áil lé Dia dhom gan é d'fhágaint ar iontaoibh droichtheangmhálaidhthe ní éireóchadh díth ná olc do: daoine (cuideachta) ná raibh ar mhaithe leis. A dheara, mhuise, b'é an droichtheangmhálaidhe é agus a fhaid do chaith sé id chómhluadar a's do sparán do choilleadh: guallaidhe nó páirtidhe ná raibh ar fóghnamh. Dréir piseóg droichtheangmhálaidhe d'iascaire bean ruadh do sheóladh air a's é ag dul i bhfeighil éisc .i. go mbeidh sé gan seilg an lá san. Seachain an droichtheangmhálaidhe a's ní baoghal duit an duine macánta: bí aireach ag toghadh do chómhluadair. Droichtheangmhálaidhe do chearcaibh an sionnach: namhaid.

droichtheangmhálta: *a.r.* mímhiochair: neamhmánla: drochmhaithteach. Ní gábhadh dhuit in ao'chor, ní fheicim aon chall leis, bheith chómh droichtheangmhálta a's cainnt ghiorraisc do thabhairt d'aonne a labhras go lághach leat: neamhshíthbhialta. Ná hiarr aonnidh air mar d'eiteóchadh, fear is droichtheangmhálta níor bhuail liom: neamhchomaoineach.

droichtheist: *b.2.* drochthuairisc, drochthásc: cáil olc. Bhíodh an droichtheist ges na seandaoinibh ar an áit uaignigh sin .i. go bhfeictí droichspiridídhe ann nó amhailteanna (ón saoghal eile) díoghbhálacha. D'fhógair an sagart ón altóir é, go raibh droichtheist ban air: go mbíodh conbharsáid neamhdhlistineach leó. Droichtheist ar an dté sin: drochcháil: é fóirleathan ná fuil aon mhaith innte.

drol: *f.1.* (*iol.* –anna) lúb lé rud do chrochadh uirthe: ceangal d'áraistidhibh teine. "Is dóigh leis gur tobac an tlúth san drol tá an oiread san dúlach aige ann": déineann sé tobac d'aon rud cosamhail. "Cheapas gur mar sin do bhí, ach bhí dearmhad orm" – "cheapais-se gur tobac an tlúth san drol" (seanbhlas) .i. déinir-se léd neamhchruinneas talamh slán de gach rud. Chómh folláin lé breac abhann gach cnámh leis ar nós an druil: dochaithte. Lean do a's beir ar dhrol ag an ndiabhal!: leis an seanbhuachaill sa deireadh.

drólann: *b.2.* an phutóg mhór: an croidhe. A chroidhe na ndrólann, b'fhada liom gur leagas mo shúil ort lé cion ort: a ghrádh ghil. A dhrólann na bhfeart! cad dhéanfad anois, ní fheadar soir seachas siar?: a Dhia, cad dhéanfad? "Shúngcáil an long i ndeich nóimintidhe!" – "a dhrólann!": dar fiadh (sé m'iongadh é).

drollaire: *f.4.* duine leisceamhail, díomhaoin, scraiste spadánta. Drollairidhe go mbíonn a gcuid ag bánughadh fén sín agus iad féin 'n-a sámhchodladh. Drollairidhe an bhaile mhóir a's a ndrom lé falla: scaoinsidhe sráide.

drollaireacht: *b.3.* scraistidheacht: deargdhíomhaointeas: spadántacht. Sin mar ghaibheann seisean a bheatha ag drollaireacht tímcheall: ag fiadhaire feádha gan bheith ag obair ná i mbun oibre. Cuir uaim do chuid drollaireachta tímcheall an tighe seo, tabhair aghaidh do chaoraidheachta ar áit eile: bruachghal gan ghnóth gan chúram. Ag drollaireacht thugaid san a saoghal ní beag duit de chómhartha é féachaint ar a n-aindeise: i ndíomhaointeas a's lé faillighe.

drollasach: *a.* manaoiseach, spaideamhail, liosta, marbhánta. Seachain siar, caith dhíot an crot drollasach san a's cuir clódh na hoibre ort: an chuma síorleisceamhail. Ní haon treibh dhrollasach mná na Frainnce - bíd ag obair istigh 'samuigh: leasc. Is me is drollasaighe beó ag éirghe ar maidin: chodlóchainn tímcheall an chluig!: scraisteamhail: neamhmear.

drom: *f.1.* an ball san den duine nó d'ainmhidhe nó de bheo ar bith go mbíonn an fleasc: gruadh árd: mullach nó barr (barra): éirighe talmhan: oitir: eiscir. "Níl aon mhairg sa tsaoghal ortha ach a mbolg 'sa ndrom" (seanrádh) .i. tagairt do dhaoinibh díomhaoine gur chuma leó ach biadh agus éadach. Bhítheas ag caitheamh málaidhe plúir anáirde 'on stór de dhruim mhairc a chéile: ag cruachadh plúir go flúirseach. D'imthigh an piléar, mar b'ádhmharaighe ar domhan é, de dhruim an tighe: díreach tharais os a chionn. Ghaibh an cioth dár ndruim ó thuaidh: lastuas dinn gan bualadh orainn. De dhruim thóin na Scealg laisteas ghaibheann an loingeas mór go léir: thársa beagán san treó san. Tabhair do dhrom anois do: iomchair thiar ort. Thugadar a ndrom leis ar an sráid: níor chuireadar aon tsuim ann. Tá drom níos fearr 'ná san agam ná bheith ag gearán ar shuarachas: cumas fulangtha. Na farraige fiadhaine aniar dtuaidh ó Inis Tuaisceart 'n-a ndromannaibh árda gur dhóigh leat go ngeobhaidís lastuas den dtalamh: ólaidhthe (tonnaidheacha) i bhfuirm cnoc maol. An girrfhiadh is mó siubhal amach i ndromannaibh an tsléibhe gheóbhfá é: mara mbíonn an cnoc maol agus an fhanaidh ar gach toabh tosnuighthe. "Nára fada go rabhair marbh agus do dhrom le falla" (rádh gan urchóid): san uaigh (falla na huagha). Bíonn trollairidhe Shasana ag iascach san drom san ó thuaidh: tamall ó bhaile mar a dtaidhbhsigheann. Líonadh seómraidhe dá ndruim le hór, airgead agus seódradh: bhí na seómraidhe lán faid agus b'fhéidir leó aon rud do chongbháil. De dhruim a dhéanta fuairtheas míle púnt: mar gheall air: mar dhíolfiach. Sé a bhfuil ded dhruim agam mo chroidhe a's mo shláinte do bheith briste: ded bharr. De dhruim an drochúraim a fuaireamair sa tigh ósda d'fhágamair é agus chuadhamair in áit dob fhearr: toisc: de chionn: de dheascaibh. De dhruim síorfhaillighe agus drochthráthamhlachta dísealbhuigheadh é as a bheart: toradh iomchair a bhriseadh. As do dhrom aniar é! .i. moladh duine ar dhéanamh deighghnímh nó ghá ghríosadh chuige. Téightear druim ar dhruim: seasuightear ionnas go mbeidh na dromanna lé chéile. Cearrbhaigh dhiana d'fhanadh ag imirt go mbíodh na hoidhcheannta thar druim: siar siar amach: andhéidheannach: ag déanamh ar an maidin. Fuairtheas é 'sa dhrom fé: a aghaidh anáirde. Fear níor bhuail umam riamh a chuirfeadh ar mo dhruim (dhrom) me, gan aon mhaoidheamh: a leagfadh nó a threascaróchadh me in iomrascáil. Bhíodh lán a ndroma

d'iasc aca sar ar lait trollairidhe Shasana na bainnc ortha: oiread agus b'fhéidir leó d'iomchar. Bhailigh sé ualach droma d'ór lé díochracht oibre agus cruinneas: mórchuid. Maidir lé codladh dhe, is é atá ghá chur sa chnámh droma, n-a leabaidh go headarshuth bó: ghá neartughadh féin lé suaimhneas a's sáimhe. Thuit sé drom thar n-ais síos i méiscre carraige agus d'fhan annsan: stroill a ghreim a's d'imthigh i leith a dhroma. Tair i leith a dhroma air agus ní fheicfidh sé thu: aniar. Ní deacair bob do bhualadh ar dhuine i leith a dhroma: laistiar de: as a láthair. Chuireadar an oiread san eagla amach ná féachtí de dhruim gualann ortha: iarracht ar fhéachaint thart gan casadh do bhaint as an gceann. Ar dhruim an domhain mhóir indiugh, agus is mór an focal é, ní bhfaghfá aon teaghlach is bóiléagaraighe 'ná é seo againn: san domhan uile do shiubhal. Ná cuir bhur dtruaghán i gcomórtas lé n-ár scafaire-ne mar bhéarfadh ar a dhrom leis é, a's ní thuirseóchadh é: neart thar barr. Fágfaidh na droichdheáibreacha so drom briste agat mara n-atharruighir do phort: is tinn duit iad. Is cuma cad thárluigheann mícheart cuirtear sa drom ormsa: cúisightear mise ann. Síneadh ar fhleasc a dhroma go breágh, galánta é i mbolg lár na sráide go raibh gáiridhe a's greann fé: ar a fhaid agus ar a leithead. Ní chuirfidh aon rud dá dhruim anois tú, mar tá cao cheart agat, ach tú féin: as thu: gan é do ghnóthughadh. Gan aon lá oibre do dhéanamh feasda tá oiread coigilte d'airgead aige a's chuirfidh de dhruim a bheatha é: gur féidir leis maireachtaint air go bog. Ní fheicim-se aonne ag caitheamh dighe de dhruim a ghualann: ghá dhortadh lé déistin. Ar mo dhruim do thugas liom é .i. bhí sé chómh hanbhfann san nó bhí an oiread san truime ann. D'imthigh de dhruim na mara a's ní feacthas ó shoin: thar bóchna. Is seólta ghluaisid an loingeas aoir de dhruim na gcnoc: thar, os chionn. Beireadh sé a chuid tarcuisne chun duine eile leigim-se dem dhruim í, ar nós lachann an t-uisce: ní ghoilleann orm. Thug sé sidhe sanntach fúm ach leigeas dem dhruim an buille: d'ísligheas uaidh. Ach, "chuireas dem dhruim an buille": chosnuigheas mé féin air. Cuireadh an curadh fé gheasaibh droma draoidheachta an fáinne do bheith aige ón ndomhan toir i gceann lae agus lánbhliadhna nó go gcaillfeadh a cheann dá dhruim: geasa troma as ucht draoidheachta. "An mbeidh mórán comaraitidhe agat i gcóir na Nodlag?" – "ualaighe droma": éacht díobh. Talamh maith seadh an drom ach é bheith beagán scéirdeamhail: áird i bhfuirm iomaire móire gan bheith géar. Drom an tighe: barr na buaice. "Cad thugais ortha san?" – "an diabhal a bhfeadar, is amhlaidh chuireas sa drom orm féin iad": iad do thógaint ar cáirde. Ní fuláir nó tá an dimleaghadh lé bochtanacht ortha, níl taointe ar a ndrom: iad gléasta go haindeis. "Tá rud n-a dhrom súd" (rádh) .i. tá teacht aniar ann: tabharfaidh súd fós uaidh an nidh atá i bhfolach ann ar feabhas. "h", an drom cathaoireach: déanamh cúlthaca na cathaoireach air. Cuirtear drom nuadh san nadhbhóig: tón nuadh. Brisfead do dhrom má gheibhim ag drollaireacht tímcheall mo thighe thu: déanfad do dhíoghbháil. Buailfead chugham ar mo dhrom thu: le peataireacht ní fhéadfá féin cor do chur díot: tá an oiread san dímheasa agam ar t'fhuadar ná féadfainn bheith ag foidhneamh leat. Is fada ag marcaidheacht ar dhrom an donais é: an aindeise a's an t-anródh air.

dromach: *f.1.* iris nó cuibhreach leathair nó eile go mbíonn lúba ar a dhá cheann do choimeád na dtarrac a's é caithte treasna droma an ainmhidhe ag treabhadh. Capall gan dromach srathar ná iallait: dromnochtuighthe: gan gléas oibre. Ná bíodh gach aonne agaibh sa dromaigh in aonfheacht air: tugtar cao dho: an uile dhuine sáidhte chuige 'n-a ndíorma. Bíonn gnóth an tighe go léir sa dromaigh orm: is orm bhíonn a chur chun

críche. Beifear sa dromaigh ar fheirmeóiridhibh go luath i dtaobh an chíosa: san éileamh go dian.

dromaidheacht: *b.3.* ag léimeadh ar mhuir: marcaidheacht. Seo léim thiar orm, tabharfad dromaidheacht duit: síob: marcaidheacht. "Is mithid dúinne", ars an feirmeóir "cos do bhualadh i dteannta tá gach dream sa tír ag dromaidheacht orainn": marcaidheacht: ag breith buntáiste orainn. Ní fuláir nó tá an bhó san fé dháir tá sí ag dromaidheacht ar an gcuid eile: ag léimeadh ortha.

drománach: *f.1.* séithleach, eiliubhair. Rinne breóidhteacht agus neamhaire drománach de, a cheann 'sa chosa buailte ar a chéile: creathlach lom, caol, caithte, seang. Drománach gan lúth, gan tapa ge dathachaibh: duine agus a neart tráighte uaidh.

dromfhada: *a.* árd, gruadhfhada. Cómhartha maith capaill é bheith dromfhada: fada ó n-a chuiripe tosaigh go hárd ó thóna thiar. "Tá sé sé troighthe" – "ní fheadar cad tá sé, ach go bhfuil sé dromfhada a dhóthain": an-árd.

dromfháscadh: *f.* (*-ctha*) greamughadh docht ar an ndrom: clúid mhaith dhroma: teann droma. Cuir dromfháscadh seachas é sin ort nó leathfaidh an fuacht thu: brat go mbeidh fáscadh nó clutharacht ann. Rud éigin nách gnáth chugham, ní fheadair aonne beó ach an dromfháscadh atá orm ó mhaidean o chuing mo mhuiníl go cnámh mo rúmpa!: teannadh a chuireas míoshásamh cuirp orm. Budh dhiall na géaga lé neart a bhí aige, is cuimhin liom lá gur thug sé dromfháscadh dhom, a chuir mo theanga ar sileadh liom: a dteannadh nó a ndlúthughadh dian isteach liom.

dromhlach: *b.2.* (*iol.* dromhlacha) árus mór leathan doimhin mar bhíos i gcóir uachtair do choimeád agus go mbíonn cluasa adhmaid air. Meadhg dromhlaighe an rud is fearr do dhroichcheann tréis ólacháin: an meadhg a bhailigheas fén uachtar 'n-a stad sa dromhlaigh. Mo ghéaga cortha trí dromhlaighe (dromhlacha) móra éadaigh nighte ó mhaidean agam. Léan air, tá aindeiseóir déanta ar a dhá chois de, níl aon chuma anois air ach cuma na dromhlaighe: mór-choimpléasach. Tá sé n-a dhromhlaigh aindeis: trom, deacair le corruighe. Ón mbuille fuair sé i gcródh an chinn shil sé dromhlaigh fola: an t-aimeón.

dromhlaigheach: *f.1.* duine crom, árd, aosta. Mara mbeadh me bheith im dhromhlaigheach ag aois a's anródh ní leigfinn easonóir lé haonne: im arrachtach gan phreab. Tréis an chogaidh seo, má leann den bhfuadar atá fé ní bheidh gan marbhadh ach dromhlaighigh agus bunóca: seandaoine gan bhrigh.

dromnochtaighthe: *a.r.* gan faic ar an ndruim. Leath sé a dhá chois ar chapall dromnochtaighthe a's b'sheo chun siubhail é ar dubhthiomáint: gan iallait, gan srathar ná brat. Shín sé siar dromnochtaighthe, ghá ghoradh féin leis an ngréin: gan luid éadaigh thiar air.

drong: *b.2.* dream, buidhean, aicme: treabh: mathshluagh, díorma, daoine. An drong céadna sibh: aonne amháin seadh sibh: ní dhéanfainn aon deifir eadraibh: mar a chéile

liom sibh. Ag labhairt le druing sclábhaidheachta: buidhean d'fhearaibh oibre. An drong daonna ní sheasóchadh leis ar a neamhspéisighe in airgead agus tá sé: ar a bhfuil sa domhan bheith ag déanamh tacaidheachta leis. Is fada ón ndrong d'fhanann súd, tá a mhalairt de mheas aige air féin: ón mathshluagh: na gnáthdhaoine. An drong go bhfuil mo chuid aca nára féarrde iad: an bhuidhean áirighthe. Throideadar drong ar dhruing: 'n-a scataidhibh.

drong-bhuidhean: *b.2.* sluagh áidhbhéil. Drong-bhuidheanta bailighthe ar gach teórainn i bhfeighil catha: sochaididhe iliomada. Budh dheacair ár bparóiste-ne do chur i ndiaidh a gcúil sa tsaoghal, bhí drong-bhuidhean ógfhear chómh breágh a's leagfadh do shúil ortha: cuallacht iomshluaigh acfuinneach.

dronn: (**druinn**) *b.2.* cruit: cnapán: fás: cromadh cuirp: grúnga: árdán. Cuir dronn ort féin go gcaithfead léim táilliúra ded dhruim: crom anuas do cheann (cuir t'uilleanna ar do ghlúinibh). "Druinn ar bhun druinne ort" (mallughadh) .i. cnapán míonadúrtha in aice cinn eile go raibh ort ghod athchumadh. Is do nách iongadh bheith tuirseach túirseach ar a dhronn sa ghort "ó dhubh go dubh": cromtha anuas le strus a's fonn oibre: a dhá cheann i gcré. Ar a dhronn cois claidhe ón sín: "'n-a chnochaire": bailighthe, connluighthe ar a chéile d'iarraidh fothana. Dronn air i gcoinnibh na báistighe: a cheann fé aige. Chuireas chugham ualach druinne den gcruithneacht áluinn: ualach gur bh'é dóthain aon fhir a iomchar. B'fhéidir go gcuirfinn-se dronn ort mara gcuirfeá uait do chuid teallaireachta: go ngoirteóchainn. Dronn orm ag éalódh cois fallaidhe: cromtha d'fhonn ná beinn inbhreithnighthe. Ní fada ná go mbeidh dronn ag teacht orm anois: cromadh na seanaoise. Ag cur na druinne anáirde díreach díom do bhíos nuair stroill mo chosa in aonfheacht: ag gabháil tríd an chuid budh ghéire den árdán. Faic ní fhásfadh sa druinn diabhail sin: talamh lom, bocht, árd. De dhruim na druinne anois bhí piléir a's pléascáin ag teacht go tiugh: os chionn an chnapáin cnuic. Bain díot an dronn agus cuir goth oibre ort: dírigh thú féin mar dhéanfadh fear. Scafaire ná fuil dronn ná fánaidh 'n-a dhrom: "chómh díreach le gáinne". Cloch neamhshocair le cur í sin do shaor, tá dronn uirthe: cuid di árd 'e bhreis ar an gcuid eile. Tá camall ann go bhfuil dronn air agus ceann go bhfuil dhá dhronn: cnapán nádúrdha.

dronnach: *a.* cnapánach, árd, grúngach. Ní fhéadfadh sé bheith níos aindeise clódh, "bacach, dronnach, leathíseal": cnapán thiar air, agus taobh de síos chun talmhan tar teorainn an taoibh eile. Ainmhidhe dronnach seadh an camall: fás mór nádúrdha ar a dhrom. "Connus taoi in ao'chor?" - "go dronn": go haindeis, anródhach ag mácháil éigin cuirp. Talamh dronnach gur deacair a threabhadh: lán d'árdaibh a's dísleánaibh. Bóthar dronnach: bóthar aimhréidh.

dronnóg: *b.2.* cruit, cnapán: at, fás: mullach: uailín (ualach beag): cruiteachán. Ní bheadh a fhios agat i dtaobh dronnóige: go ndéanfadh sé rudaidhe maithe ná cuirfeadh aonne féna thuairme toisc a anchrota. Dronnóga a's cumaracha ar fad seadh Corca Dhuibhne: árda a's claiseacha. Bhuail sé chugham isteach dromhlaigheach bocht a's dronnóg mhine thiar air ná raibh róthaidhbhseach: ualach beag. Léim sé im dhronnóig a's leag me: im mhullach: dhrom.

drúcht: *f.3.* an taisireacht spéarach a thuiteas ist oidhche nó i ndeireannaighe. A súil mar an drúcht: chómh glinn, glé leis, ar an bhféar fé thaithneamh gréine na maidne. Tagann drúcht ar an bhfalla roim bháistigh: taisireacht. Chuir sé drúcht alluis lé strus oibre: allus chómh tiugh a's bheadh drúcht ar an dtalamh. Chuir an súp te drúcht tríom amach: brat alluis. "Ag siubhal na drúchta go moch ar maidin" (amhrán): amuigh go moch i bhfeighil oibre. Cad thug chughainn thú lé drúcht is deireannaighe?: go déidheannach um thráthnóna.

drud: *f.3.* oiread a's focal, smiog. Faid bheir istigh ná bíodh drud ná drandam asat: ná labhair smiog: bíodh do bhéal fuaighte. Ní argóint a bhíonn agat ach drud drad: cainnt gan fuaimeant: focail leadhbacha.

drúichtín: *f.4.* braoinín (drúchta): braon alluis: taisireacht 'n-a mhionbhraonaibh a thagas lé strus, teas nó saidhbhreas (ruda): "súile": "súilínidhe". Lé saidhbhreas an anbhruithe bhí drúichtínidhe air: cluig bheaga, ghléineacha. Ní raibh píochán im chorp ná raibh drúichtín air gen ualach druinne a bhí orm i gcoinnibh na dronnóige: braon alluis as gach feathán. B'shiúd an t-im gur bh'fhiú a itheadh go raibh na drúichtínidhe tríd amach lé saidhbhreas: builg bheaga thaisireachta. Drúichtínidhe alluis.

druid: *b.2.* (*iol.* –eanna) saghas éin gur gnáth leó imtheacht 'n-a scaothaibh. Tuar seaca druideanna: is gnáthach go leanann an tsín sin iad. Is mór mar chuaidh sí chun deiridh, níor fhan toirt druide innte: dulta i luighead.

druidim: *b.a.* $_7$ *n-a.* dúnaim: dlúthuighim, sádhaim, gluaisim. Druid liom: tair in athchomaireacht dom. Druid uaim (fógradh) is geairrid liom tu: fan uaim amach. Druid as tapaidh, tuitfidh an charraig ort: glan! scrios. Cé leis a dhruidfir anois? ná fuil áit ar bith agat: cé chuige go raghair chun bheith ag brath air? Druid fé: téighir laistíos isteach fé: ionnsaigh é. Druidfidh sin lé chéile fós dá mhéid díothchúise agus leamhais aca ar a chéile: déanfaid muinnteardhas. Druid chun na teine, táir leathta: tair 'n-a haice. Druid chugham: tair an-gheairrid dom. Druid farainn: suidh 'n-ár bhfochais. Druid eatartha: cosain iad ar bhruighean. Druid i leith: tair níos athchomaire. Fan, tá san róthrom duit, druidfead-sa dhuit é: corróchad as an slighe sin é. Níor dhruid a ghaol fós liom, cá mb'fáth ná beinn báidheamhail leis: níor shín sé: níor scar. Cé dhruidfeadh ó dhaonnacht chómh mór san a's ná déanfadh maith a chómharsan: a thréigfeadh í. Druid! seachain: téighir i leathtaoibh. Níor druideadh riamh i mbruighin é: níor buadhadh air. Nár cheanndáine an duine é ná druidfeadh ach oiread agus dhruidfeadh an cnoc: ná corróchadh. Nuair dhruidfidh sé lé clainn: ag dul in aice na haimsire a saoghaluighthe dhi. Chómh cruaidh sin 'n-a bholg ná druidfeadh purgóid ná cogus é: ná tabharfadh fuascailt air.

druidim: (**druideam**) *f.1.* do dhlúthughadh, do theacht lé chéile, i ngiorracht. Bímís ag fágaint, tá druidim na hoidhche ann: í bheith i ngiorracht dúinn. "Is fearrde an t-eineach mall druidim n-a choinne" (seanfhocal): dul fé 'n-a bhrághaid. Ag druidim le clainn: ag déanamh ar an gceanntráth go mbeidh bunóc ann. Níl druidim siar ná druidim chun cinn aca: 'n-a gcómhnaidhe, gan sáthadh ar aghaidh ná cúladh. Ár ngaol ag druidim amach: ag searadh. Dubhart leis gan bheith ag druidim orm, dá fhaid uaim bheadh sé gur bh'é mo

bhuac é: ag teacht in aice liom. Caithfeam druidim ós na cómharsanaibh: dul as an gcómharsanacht. Ag druidim as an solas: ag seasamh i leathtaoibh as. I rith na haimsire bhí an bád dob fhearr tarrach ag druidim i mbun na gaoithe: ag dul os chionn na mbád eile sa ghaoith. Bead "ag druidim abhaile" feasda: gach lá anois leis an aois beidh an bás níos athchomaire dhom. Ag druidim a chinn ó thaobh taobh i gcómhartha nár cheaduigh sé a raibh ar siubhal: ag luascadh. Mo chumha gur dheineas druidim n-a cóir: go raibh neamhdhlistineach agam léi. Seadh tá cabhair Dé ag druidim linn, ní fada go mbeidh beatha sa ghort againn: ag déanamh orainn. Caithfead fanacht go fóill, bí ag druidim rómham: ag cur díot go mbead id dhiaidh. Chómhairleóchainn duit gan bheith ag druidim eatartha: ag déanamh teasardhan: ghá gcosaint ar a chéile. "Ag druidim linn atá" (rádh) .i. breis dá bhfuil dhá thaithighe againn bheith romhainn amach. Cé bhí ag druidim chloch annsúd?: ghá n-iomcharann.

druidte: *a.r.* dúnta, sáithte as an ionad bunaidh: tiomáinte, sprionnlaithe: locuighthe. A dhóirse druidte, rud nár ghnáth, ar lucht an éilimh: dúnta. Tá mo chuid éadaigh druidte ge duine éigin: corruighthe: aistrighthe. Tá gaiste na bhfranncach druidte ar do mhéir, a dhiablóir!: dúnta: greamuighthe. Druidte as m'ionad ag gach bodach canntála: cumhangarach déanta orm. Léan id láimhín dhruidte! ná feacaidh an charthain riamh uirthe: sprionnlaithe.

druim: fic '**drom**'. Déin thar mo dhruim an t-airgead d'ioc mar dhéanfadh fear im ionad: thar mo cheann. Raghainn 'on chroich thar a druim lé méid mo cheana dhi: dul 'n-a háit.

druimdhiúltadh: *f.1.* éiteach, éaradh nó diúltadh iomlán, dearbhtha, diongmhálta. Gheallas go prínseabálta druimdhiúltadh mo pheacaidhe i láthair teachtaire Dé: go bráth bráth airís go seachnóchainn an peaca agus a ócáididhe. Is do thanach liom an druimdhiúltadh d'fagháil turus, choidhche airís ní chuirfeadh chun eitigh iad: cuireadh in iúil dom nár bh'aon mhaith bheith ag éileamh.

druimfhinne: *b.4.* gile droma nó uachtair. Bó dhruimfhinne: go raibh a drom bán. Radharc do b'eadh druimfhinne na mara ós na tonntachaibh briste: í go léir 'n-a cóipe gléigeal.

druimleac: *b.2.* leac treasna uagha. "Nára fada go rabhair san uaigh a's druimleac ar do chluais" (rádh).

druimleathan: *a.* mullach nó leirg (an chnámha dhroma) fairsing. Sliabh druimleathan go rithfí rás 'n-a bharr: mullach leathan, fairsing air. Idir éigean thiocfadh sé isteach an doras san, b'é an fear budh dhruimleathan dár leagas m'amharc riamh air. Each druimleathan go gcodlóchadh muc air!

druimneach: *a.* cuartha, stuaghach, gruadhach. Bó mhór dhruimneach: go raibh cor anáirde 'n-a cnámh droma. Scian go raibh lannsa druimneach innte: cuartha: cor 'n-a cúl. Cnoc gránda, druimneach, callóideach lé siubhal: cnapánach.

druimrith: *f.3.* teicheadh ar gcúl: deargruaig. Saighdiúiridhe róchródha gur bh'fhearr leó tuiteam i gceann a gcos ná druimrith do chur ortha: an ruagadh. Meathtaigh chearta droichsheasaimh gur mhinicidhe an druimrith 'ná ar ionnsaighe iad: ag cúladh: ag teicheadh leó féin. Chuir breis na harmála a's na bhfear an druimrith orainn: an ruaig.

druimruaig: *b.2.* dromaidheacht: léimeadh thiar ar. Ní fheadar cad é an droichcheann a thóg na daoine dhe go mbíonn an choitchiantacht sa druimruaig air i dtaobh aon rud a thuiteas amach: ghá chiapadh a's ghá chúisiughadh. Ná bí san druimruaig air, tá sé ar a dhícheall: ghá chiapadh i dtaobh a locht.

druinnire: *f.4.* duine ná seasuigheann díreach, droichsheasaimh: cruiteachán: duine crannda nó díblidhe. Scrios as mo radharc, a dhruinnire! chuirfeá aonne ag aiseag ag faire ort ag útamáil oibre: aindeiseóir. Fuar, leice an fear óg thu id dhruinnire annsan ag dul anuas ar an dteine: craptha, casta ar a chéile. An créatúir, budh dheacair casóg d'oireamhnughadh dho, mar dhruinnire dob eadh é slán mo chómhartha: cruiteachán. Ar muir nó ar talamh riamh ní raibh ann ach druinnire: lapadálaidhe! duine neamhanamamhail ná raibh líomhtha lé n-a ghéagaibh.

druipeannach: *a.* cas, cochánach, caischiabhach, dualach. Do chuacha druipeannacha tuath croidhe aon óigfhir: cuacha iontsuime toisc iad bheith chómh dualach.

drúis: *b.2.* adhaltranas: céileachas: briseadh pósta: méirdreachas, corb, táth, anmhacnas, antoil na colna, colnaidheacht, sanntughadh céile neamhdhlistineach. Ceann des na seacht bpeacaidhibh marbhthacha drúis: feisiughadh neamhdhlistineach. "Lucht drúise a's lucht póite choidhche ní shroichfid ríoghacht neimhe". Ag réabadh aitheanta Dé lé drúis a's lé craos: cumaisc a's airc. Fonn na drúise: ainmhiana.

drúiseamhail: *a.* adhaltranach: colannshanntach: ainmhianach: corbach. Níor mhaith léi barróga ná póga fir dhrúiseamhla: fear go raibh mian a haithne dá haindeóin aige. Cainnteanna drúiseamhla lé clos ar gach taoibh di gur b'eagal léi gan teicheadh: gáirseamhail. Daoine drúiseamhla nách díon pósadh ná prásáil ortha: guilmeach ar mhiantaibh na colna do shásamh.

drúiseóir: *f.3.* duine tugtha do dhrúis: ag imtheacht le drúis sráide: 'n-a striapaigh.

drúnsaoth: *f.3.* ceódh éadtrom tirim. Thug an drúnsaoth cuma dhraoidheachtamhail ar chósta na farraige: ceódh chómh héadtrom lé tlacht mná: fionnacheódh.

drúthlann: *b.2.* teach nó gnáthóg striapach. Drúthlanna na gcúlshráideann.

duabhais: *b.2.* tinneas, duairceas. Ní haon duabhais liom, geallaim duit, teachtaireacht do dhéanamh duit: ní duadh liom é: ní cúis leisce dhom é. Duabhais na rámhaidheachta ag sáthadh i gcoinnibh gála gaoithe agus scóladh taoide do tháinig leis: cruaidh-obair. Is eagal liom go bhfuil duabhais an bháis air: duadh: an t-iomard colna le linn scaramhna an anama. Greadadh a's duabhais sa láimh thinn seo agam: priocadghal thinnis agus suathadh breóidhteachta. Sid é atá dhá thuargaint gen mbás, an gcloisir an chnead 'san

duabhais?: an coimheascar iomardamhail a bhaineas fuaim as chreatlach an duine. Duabhais ort-sa mar mhadra, "níl luighe ar t'earball": mío-ádh ort. Dona a's duabhais ar a bhfuil de mhadraidhibh i gCúige Mumhan maran b'iad ná leigeann codladh na hoidhche ar dhaoinibh lé n-a gcuid amhastaraighe: díoghbháil a's iomard go dtagaidh ortha. Ní leóidhte dho dhuine focal cainnte do chur air ach mar thugann sé sclaimh pé duabhais atá air: is misde dho dhuine mar tá spuaic nó míoghnaoi air. Díombáidh agus dochar an dá rud atá 'n-a máighistir ar dhuabhais do chur ar inntin dhuine: is iad is toghtha chun duaircis. Cad is measa 'ná duabhais an chroidhe, cloch bhuinn na sláinte: iomard croidhe. Cúis dhuaibhse dhom teip: fáth mairge.

duaibhseamhail: *a.* iomardamhail: duadhmhar: tinneasach: corr(a)thónach. Nách duaibhseamhail atá sé ag éirghe dhuit ná fanfadh ar do shocracht: corr(a)thónach: fústarach. Is duaibhseamhail atá an saoghal ag dul dhuit, ó a ghrádh gil, seachas aonne eile: nách mór an t-iomard agus an buaidhreamh (gan gábhadhtar) do-gheibhir de. Céaca is duaibhseamhla rámhaidheacht nó rothaidheacht – aonnidh amháin go mbíonn an talamh tirim agat chun cinn aca: is déine ar an neart. Is dócha gur duaibhseamhail leat do lámh, fiú amháin, do shíneadh chun aon ruda: gur dian leat ar do chorp é: strusamhail. Tagann gach aon rud duaibhseamhail air: gheibheann sé mórán dá dhuadh. Is seacht nduaibhseamhla talamh do bhriseadh lé droichfhearas: cuirtear mórán mór saothair chun a dhéanta.

duaibhseamhlacht: *b.3.* deacracht: go n-iomad saothair: tinneasmhaireacht. Ní hé a dhuaibhseamhlacht ar fad do ghoilleann orm ach a luighead tuarastail a leanas é: ní hé a dheacracht etc. An té ná bíonn oilte duaibhseamhlacht do seadh gnóth ar bith a tharrac air: tagann gnóth dall, deacair air. Duine neamhchradhscalach do-chaithte ná cuireann duaibhseamhlacht an tsaoghail air: duine fuilngtheach gur cuma leis a's ná leigeann don saoghal goilleamhaint air lé meanmain láidir. Mara mbeadh a dhuaibhseamhlacht liom bhuailfinn thu (imirt chártaidhe) .i. ní fiú liom an oiread san saothair do chur orm féin dá fhusacht dhom a dhéanamh.

duadh: *f.1.* saothar colna: deacracht: strus, buaidhreamh: guais: éigean. "Ní déintear damhas gan duadh" (seanfhocal): caithtear dul i gcóir ruda i gceart d'fhonn é do ghnóthughadh. Ná bí ag fagháil a dhuaidh go huair éigin eile: ná cuir a thuilleadh struis ort féin: ná bí ag caitheamh aimsire leis. Is beag dom dhuadh ort: níl agat ionam ach neamhshuim. Is breágh do lucht airgid é is beag de dhuadh an tsaoghail a gheibhid: ní bhíonn goilleamhaint aigne ná cuirp ortha chun a slighe bheatha. Ní hobair gan duadh clann do thógaint: níl sé chómh bog a's budh dhóigh lé duine. Ní gábhadh do neach formad do bheith aige leat ar a bhfuil agat. Is mór dá dhuadh fachta agat: "ní hin aisce ná i nganfhios duit a tháinig rud ort". Obair gan duadh: gan strus. Ná cuir chun a dhuaidh me anois mar táim anchúramach ar ghnóth eile: mar bhreis saothair. Níl a dhuadh fachta fós: níltear réidh leis. Duadh an bháis go bhfaighir (drochghuidhe): bás tinneasach gurb é do dhán. Och, cuir duadh ort féin: déin rud éigin: ná bí leasc. Cá bhfuil an duadh deich míle do shiubhal i gceithre huaire an chluig?: aon teamhair a dhéanamh. "Cuir an leitir sin 'on phost dom, an gcuirfir?" – "ní hé leath mo dhuaidh é" .i. cuirfidh sé áthas orm a dhéanamh. "Ní bhíonn leath a dhuaidh ar aonne" .i. budh dhóigh leat air ná raibh neach eile ag obair ach é. Leath-dhuaidh fearas maith .i. san agat seadh is fusa saothar. Bíonn

duadh anáile ag gabháil díom: giorradh anáile. Beireann an ghaoth an-dhuadh ar ár dtighne, tá sé ar dhrom scéirdeamhail: tagann sí docht air. Cuireann an fharraige láidir duadh ar an árthach is treise: strus: tástálann sí feabhas a chreatlaigh. "An raghfá go B'l'Áth Cliath dhom?" – "budh bheag liom ar dhuadh é" (searbhas): piúth! cad fáth ná raghainn. As dhuadh tháinig na crampaidhe ionat: strus cuirp.

duadhain: *b.2.* iomghoin: mórthinneas. Ar dhuadhain an bháis, saor sinn, a Dhia: bronn orainn, deónuigh bás breágh, naomhtha d'fhagháil. Duadhain an anama ag dícheallughadh chun Dé: an buaidhreamh agus an saothar a bheireas air chun Dé do shroichstint.

duadálaidhe: *f.4.* útamálaidhe: duine neamhghasta. Féach ar do chuid scríobhnóireachta, a dhuadálaidhe, budh dhóigh le duine gur scríobáil circe í: scríobhnóir neamhlíomhtha. Cuireann tú saothar ort féin, a dhuadálaidhe, mara mbeadh ort ach an buadh d'itheadh: dá shonaoidighe gnóth bíonn fuirse gan críochnughadh féin. Chaith an duadálaidhe an tráthnóna ag casadh an chrampa d'iarraidh an innill do ghluaiseacht: fuadar an domhain fé a's gan aon chur chun cinn ann.

duadhamhail: *a.* deacair, cruaidh, strusamhail, buadhartha, guaismhear. Duadhamhail mo dhóthain do rug an lá orm, níor fhág sé mórán i dtóin mo shnighte: strusamhail: b'éigean dom mo neart ar fad do chur leis. Ó aois go bás beireann an saoghal duadhamhail ar dhaoinibh ná bíonn rath ortha: buadhartha, trioblóideach: caithid "mín agus garbh do mheilt". Nách duadhamhail atá sé ag breith ort, a fhir bhoicht, is mór mo thruagh dhuit (cleithmhagadh): duine gur dhóigh leat air go mbeadh "a bhinid amuigh aige" lé strus. Chuaidh sé duadhamhail orm fiacha na dighe do shlánughadh: deacair a chur lé chéile: dianchúramach.

duaidhnéis: *b.2.* cruadhtan: smachtughadh: buaidhreamh tinnis, dochair dúnaidheachta, (géibheann) bás, nó pionós éigin eile i ndíol lochta nó coire éigin. "Agus adubhairt Cáin leis an dTighearna, is mó mo dhuaidhnéise 'ná mar fhéadaim iomchar" (Gen. IV. 13). Íocfair chúig púint mar dhuaidhnéis as do mhadra do mharbhadh na gcaorach: beir siar i bpóca dá dheascaibh. Duaidhnéis an pheaca mharbhtha, bás síorraidhe don anam: pionós. Ag déanamh duaidhnéise cortha gairm an ghiúistís: ag baint sásaimh dhóthanaigh (dréir na dlighe) asta. Cuireadh trí mhí braighdeanais air mar dhuaidhnéis as uaireadóir do ghoid: mar bhuaidhreamh as ceal cead cos. An té do gontar a's ná téarnuigheann gheibheann sé trí dhuaidhnéis an bháis: suathadh agus anródh agus tinneas. Cuireann daoine bochta, acracha loméadaigh duaidhnéis aigne orm: buaidhrid mo chroidhe. Má fuair aonne riamh duaidhnéis na hÉireann fuair an Piarsach é: má oibrigh go dian, dicheallach, moch, déidheannach agus i ndeireadh dála d'fhuilng bás.

duaidhnéiseach: *a.* strusamhail, guaismhear, dian-dheacair, goirtightheach, doiligh. Obair dhuaidhnéiseach seadh aon obair ná bíonn an toil léi: marbhthach. Connus fhéadfadh sé a bheatha do chaitheamh níos duaidhnéisighe 'ná i bpríosún: dian ar chorp agus aigne. Gheibheann Sasana do shíor treabhacha duaidhnéiseacha ar theórainn go caothamhail mar leithscéal chun iad d'ionnsaighe: a bhíos "ag giobadh a's ag bearragadh" uirthe. An-dhuaidhnéiseach leanbhaidhe óga do thógáil: trioblóideach:

iarraid aire a's ceannúireacht. Is duaidhnéiseach an scata sibh!: chlipfeadh sibh aonne bheadh d'iarraidh cóstáil libh. Scoláire duaidhnéiseach seadh Liam go mbíonn peann, leabhar, súighteán nó gannaidhe éigin scoile uaidh in aghaidh an lae: ciapuightheach, clipightheach. Pastairidhe duaidhnéiseacha an uile dhalta sa rang, gan de mhaith ionta ach a bhfuil de chrosaibh, a's ná cuirfeadh úird mhuilinn an iarainn léigheamh ná léigheann 'n-a gcloigeann: buaidhreamh aigne iad. Cos dhuaidhnéiseach agam gur chaitheas lán mo bhliadhna ar fhleasc mo dhroma léi: cos a chuir tinneas, dochar agus iomard orm.

duailín: *f.4.* dual beag: dornán nó beairtín tuighe, féir, etc.; tor nó scoth bheag: fiteán: "snadhm" adhmaid. Adhmad dosháibhte go mbíonn roilleach, cuid mhaith air toisc é bheith lán de dhuailínidhibh: blúiridheacha beaga, cruinne, cruaidhe tríd ná baineann leis an ngráine: fáiseanna beaga neamhnádúrdha. Caith duailín féir chun an chapaill: ladhairín. B'fhuraist aithint an tseanchaora úd bhí duailín ar a slineán tosaigh: lán glaice gan bearradh. Lait sí a folt ag cur duailínidhe ann go dtaidhbseóchadh sé breágh: cocáin bheaga.

duain: *b.2.* dán, guth amhráin: scol. "Is ort do théigheann scéal" – "is oth liom ná fuil scéal ná duain agam": níl aon tsaghas eachtra agam. Déinimís cuideachta chun an "bhóthair do chiorrbhadh", árduigh do dhuain, a Shéamais, tá guth aoibhinn agat: cas amhrán dúinn. An bhean budh bhreághtha duain lé n-a linn: b'aoibhinne guth. Cé hiad a bhí sa tigh tábhairne? chuala duain an domhain a's me ag gabháil thar brághaid: cómhfhuaim árd i gcómhchlos tamall ó bhaile. Bainis thrangalálta, ghleódhach go raibh gach aonne a's a dhuain anáirde aige: cainnt árd: scol cosamhail le hamhrán.

duairc: *a.* brónach, mairgeach, doirbh, neamhfhéicheamhanta, gruamdha, canntalach, doichilleach. Tagann cuma dhuairc ar an dtalamh féin lé garbhshín: neamhthaithneamhach. Budh bheag a ndeárna de chainnt leis ar an ndriuch duairc a bhí air, 'n-a staic: doirbh, gan fonn conbharsáide ná cainnte air. Mo chroidhe go duairc ó chailleas mo ghrádh: gan girréis: gan fonn seóidh. B'fhearr liom gan bheith ag éisteacht leis, an léightheóireacht budh dhuairce dá gcuala faid táim im bheathaidh: brónach. Bím-se duairc lé daoinibh ná taithnigheann liom: gruamdha: neamhghrádhmhar. Is duairc an ball lé cneas dhuine léine gharbh: neamhshubháilceach. Cuideachta duairc: gan greann. Croidhe dá dhuairce bhainfeadh sé gáire as le n-a gheámaidhibh: budh dhúire.

duairceas: *f.1.* brón, mairg, maoithneachas, truime croidhe: dúire aigne. Cad dob áil leat ag déanamh duaircis de rud ná raibh aon leigheas agat air?: brón, mairg. "Sara mbeidh deireadh leis seo beidh tíortha na hEóraipe go léir i gcochall a chéile" - "mo dhuairceas iad": is beag tinneas do chuireann san orm-sa. D'ith an duairceas an croidhe ann, é i ngéibhinn a's ná féadfad dul ag troid dá thír: an mhairg a lean a mhíthreóracht. Leanann duairceas an suairceas: níl aon aoibhneas ná go ngabhann a chionn dubháilcis leis. Cuireann sé duairceas orm nách mór ná go ngoilim nuair chídhim mar mheath sé, a lithéid d'fhear chalma: maoithneachas: tuirse aigne. Bheadh duairceas ort féachaint ar na fallaidhibh fuara, folamha, mar a raibh cáiréis a's flúirse a's súgradh, gan anois ann ach glugar cág!: brón agus díombáidh. "Ní fheicim bréid dhuibh ar do chuislinn i ndiaidh bháis t'athar" - "ní har mo ghéig do chaithim mo dhuairceas": im chroidhe mhothuighim mo dhochar. Tá duairceas na haimsire ag cur orm, ní fheaca an ghrian le mí: íogaire.

duais: *b.2.* rud maith, fóghanta, díolfiach, bronntanas, dualgas, geall, "stáca". "Ó chídhim do mhaimí chugham sa ród ní gheallaim duais nó seód" (amhrán): bronntanas nách i gcúiteamh. Ar chomórtas amhránaidheachta, lé feabhas a dhuaine bhuadhadh sé gach duais: díolfiach a tairngtear in iomarbháidh ar bith. Beidh na céadta duais lé riar ar an gcrannchur: luaidheacht, luach saothair nó cúiteamh do dhuine ameasc sluagh ar choingheall nó a tairngtear as "mhála an éithigh". A bhfuaireas de dhuais as mo dhuadh ní mór an tsaill do chuirfeadh ar aonne: de thuarasdal: luach saothair. Duais mhór, thairbheach an long cruithneachta san do ghaibh an namhaid orainn: luach an-mhór. Árduigh uaim as mo radharc é, is mó de dhuadh ná de dhuais dom é: faic in ao'chor níl dá bharr agam. An cnocán mór airgid – an duais budh mhó a bhí ar an mbórd riamh – os choinne na gcearrbhach agus iad go cliste, taithightheach ag iondrabháil a gcártaidhe: an geall. Tá duais agat!: nách agat atá an rud go ndéinir iongadh dhe.

duaiseach: *a.* fial, flaitheamhail, sconnabheartach, laimhthighiseach. D'imthigh na huaisle dhuaiseacha a bhronnadh na tiodhlacaidhe ar an ndáimh: go mbíodh anfhlaitheamhlacht ionta. "Is agam atá an talamh neamh-dhuaiseach": ars an feirmeóir leis an meastóir, "ní bhainfeadh an diabhal ó ifreann comhthrom de": ná tabharfadh toradh. Dia an t-ughdar duaiseach: sconnabheartach, fial: maithteach. Rud bréan, sprionnlaithe an siopadóir céadna ná bíonn duaiseach fé n-a thómhas: is fada go gcuirfeadh ádhbhar sa mbreis i dteannta an chirt.

dual: *a.* ceart, cuibhe, oireamhnach: geinte ó nádúir, dúthchasach. Tá mo dhaoine dual im fhochair anois gan eascaraid ná iasachtaidhe: iad so a bhaineas liom. "Níor chéile dhual riamh thu dhom" ars an fear a bhí i ndiaidh a mhná le speil chun na spearach do ghearradh dhi!: níor thu bean mo dhiongmhála: níor chuibhe dhom do lithéid do phósadh. Tá do chuid dhual caithte agat anois, ná déin craos: do leórdhóthain. Obair dhual do dhuine cois farraige dul 'n-a mháirnéalach: bheadh san ann ó nádúir agus foigseacht na mara.

dual: *f.1.* rud a bhíos nádúrdha, dréir dúthchais, dréir dualgais. Budh dhual do bheith flaitheamhail, is mar sin bhí a dtáinig roimis ar gach taobh: b'shin é a dhúthchas: bhí sé d'fholaidheacht. "D'eitigh sé me" – "ní dual san do dhéanamh, níor airigheas é ghá dhéanamh le haonne eile": ní gnáthach. Ní dual d'Éirinn oráistidhe do thabhairt: ní hé nádúir na talmhan é. Táim-se réidh anois, tá mo dhual díolta agam: an méid gur b'é mo dhualgas é: an méid a bhí orm. Baintear dual as gach muc – leathréal – a théigheas ar pháirc an aonaigh: táille. Dá mbeadh an té gur dhual do an ghalántacht annso ní bheadh easbhaidh orainn: go mbeadh sé de ghnás aige a taithighe.

dual: *f.1.* ⁊ *5.* fiadhfhás (f. neamhnádúrdha) in adhmad: cocán: loca gan baint ar chaora bhearrtha, cor (téadáin nó cábla nó snáithín), lúb. Téad trí ndual: trí cuir nó castaidheacha (snáithínidhe singil). Bhain an dual an béal as an dtuaigh: an tsnaidhm chruinn chruaidh (a fhágas poll 'n-a diaidh ar a cur i ndiaidh a cúil). A duala léi ag tidheacht go barr an fheóir: táthanna fada, líomhtha fuilt. Léan air! cé phósfadh é, a's é ar easbhaidh na ndual: maol. Pláta go bhfuil duail air: craobhacha: figheachán. Is dom-sa féin is dual é

chaoineadh: níl neach gur córa dho é ’ná me. Is dual do éileamh do bheith ag mnáibh air: sin mar thárluigheann.

dualach: *a.* cocánach, snadhmtha, fillte, fadhbach, cnapánach, dlaoitheach, trílseach, triopallach. “Arbhar breágh, dualach ar m’fhearann”: go mbeadh craobh (ceann) trom, torthamhail air. A cúl dualach go crathach léi: flúirse trílsidhe: dlaoithe fada, troma. Adhmad ró-dhualach nách slachtmhar mar shíneáil: go bhfáibridhibh neamhnádúrdha: snadhmanna. Chuaidh díom é do réidhteach, bhí sé ró-dhualach, casta: fillte daingean ar a chéile.

dualgas: *f.1.* (*iol.* dualgaisidhe) aonnidh gur comaoin nó banna don nduine a dhéanamh nó a sheachaint dréir nádúrdha béascnaidh nó na dlighe: aonnidh a dlightear do nó ó dhuine: díolfiach, luach saothair, tuarasdal, táille, fiacha. “Gheobhair a uanaigh, gach nidh mar dhualgas etc.” (amhrán): gach rud atá ag dul duit lé ceart: an nidh atá tuillte agat. Ag tuilleamh a dhualgas lé fada dho, má cuireadh luifín air, mar is minic bruigheantach, achrannach é: cion a dhroichiomchair: b’é a “dhóthain de dhéanamh” é. Éist annsan, a chníopaire, ná hiarr a thuilleadh, tá do dhualgas fachta agat: do chion cóir. Dá mbeadh mo dhualgaisidhe lé Dia agus le duine cóimhlíonta agam mar is ceart, ní bheadh aon eagla roim an mbás agam: sásamh tugtha agam do Dhia agus don gcómharsain. Teannadh thiar leat! tá dualgas ríogh de chapall fút: capall nár mhisdide rí é do bheith aige. B’é dualgas an ríogh gach reacht do shighniughadh sara mbeadh n-a acht dleaghthach: bhí sé air mar chúram feadhmannais. Beidh orm éirghe ar a sé, biadh do chur i dtreó, annsan cad eile is dualgas dom?: a bhéas mar oibliogáid orm do dhéanamh. Fuair sé dualgas na slaite ón máighistir toisc é bheith drochmhúinte: bualadh ó thalamh. Chun a dhualgas do thabhairt do gach aonne, ní raibh sé chómh sprionnlaithe sin, is minic do gheibhtí áthanna air: a chirt féin: bhí féith bhog ann. Ní fhágfaidh sibh an siopa so gan na dualgaisidhe do dhíol, agus go pras leis: an táille atá ag dul oraibh: an t-éileamh as an earra (earraidhe) atá tógtha. Seadh, táim fé chois indiugh aca go fealltamhail, míomhacánta, ach ní bhead-sa gan mo dhualgas: cúiteamh, sásamh. Gheóbhaidh sé dualgas na bhflaitheas má fuair aonne riamh é, as an méid carthanachta atá déanta aige: toradh: luach saothair.

duanach: *a.* ceólmhar, fileamhail. Cé déarfadh ná raibh sé go suairc, sásta, go duanach do féin “i bhfiadhnaise na gcárt”: ag amhrán do féin. Budh bhreágh leat bheith ag éisteacht leis ag seanmóin mar is aige bhí an ghuth duanach: ceólmhar, séimh. Tábhairne duanach lá aonaigh é: bíonn amhráin go flúirseach ann.

duanaighe: *b.4.* stáid nó aiste bheith ceólmhar, cantanach, fileamhail. Agus a dhuanaighe tá sé indiugh níl gruaim sa tsaoghal air: gealadhramach. Scaip na gárdaidhe sinn as an dtábhairne toisc a dhuanaighe agus bhíomair: an iomad gleóidh de bharr amhránaidheachta.

duanaire: *b.4.* cantaire, crónánaidhe, fear déanta ruacán. Mo cheól thu, a dhuine, is maith í do scol, agus is breágh an duanaire thu: an t-amhránaidhe. Chúm sé dachad éigin búrdún gan mhaith, drochdhuanaire dob eadh é: ceapadóir gan puinn filidheachta. Duanairidhe breághtha seadh muinntir na Breathnaisce, ní luaithe bheadh scata aca i bhfarradh a chéile

’ná d’árdóchaidís a ngeóin: amhránaidhthe. Duanaire an Fhirtéaraigh: leabhar bailiúcháin dán a’s amhrán. Duanairidhe oibre: daoine a bhíos ag crónán dóibh féin a’s iad i bhfeighil oibre.

duanaireacht: *b.3.* bheith ag crónán, ag cumadh dán nó ruacán. Dhéanfainn é a’s me ag duanaireacht!: gan aon duadh. Ag duanaireacht dom féin in uaigneas an ghleanna ag déanamh cuideachtan dom féin: ag crónán, fothrom dhá chasadh agam i nguth íseal d’fhonn a’s ná braithfinn iargcúltacht na háite.

duarcán: *f.1.* duine dúr, duine duaigh, duairc, brónach: iolchnádánaidhe. Dá gcaithinn mo shaoghal, féach, in éintigheas leis, ní bhfaghainn cuideachta ná coidreamh ann, an duarcán gan dundrum!: duine coimhtheach, neamhchainnteach, neamhscéalach. Léan air mar dhuine, caith uaim! Duarcán gur dóigh leis go dtuitfidh an tón as an saoghal má thárluigheann faic a ghoilleas air: cnádánaidhe, cnáimhseálaidhe. Gnóth ar bith ní raibh i leith an tighe leis na daonibh sin aige siúd, duine grinn a’s seóidh ameasc duarcán dubh gan gnaoi, gan gáire: “dúra dara” gach n-aon díobh.

duartan: *f.1.* díle, cioth trom. Beir id shlipín mhaol, bháidhte fén nduartan san, gan díon maith éadaigh: báisteach ’n-a slaodaibh gan staonadh. Chuiris uabhar ar an leanbh lé bheith ródhian air gur tháinig duartan (deor) leis: frasa deór. B’shin í an bhliadhain a thuit an duartan sneachtaidh gur cailleadh na caoire go léir ar na sléibhtibh leis: brat trom, doimhin, millteach.

dubh: *a.* dorcha, diamhair: brónach, daighceach (daibhceach), coimhtheach, olc, lobhtha, droichmhianaigh, droichmhiantamhail: dath na hoidhche – friothfhocal “bháin”: millteach: anfhuar. Aimsir dhubh anoir ní bhíonn sí sláinteamhail, gheóbhadh sí tríot isteach: géarghaothach: seacamhail. Tháinig an aimsir ró-dhubh gan grian, gan fliuchra a’s d’fhág an talamh gan fás ann: cruaidh, garg. Labhrais ró-dhubh leis, má bhí éagcóir féin déanta aige ort, “ní fiú trí leathphingnidhe é” anois tréis an droichbhéil: dian: bearrtha. Buaileadh go dubh a’s go diachrach é: gan aon truagh ná trócaire dho. Nuair gheibheann duine trí anródh nó drochúsáid, deirtear, “fuairis go dubh é” .i. budh dheacair tuilleadh díoghbhála do dhéanamh duit. “Bíonn ceann dubh ar mhaidin earraigh” (seanfhocal): bíonn cuma dhuairc uirthe .i. thiocfadh an lá chuige féin ’n-a dhiaidh san. Dhein sé go dubh orm é, me d’eiteach, rud nár dheineas-sa riamh leis-sean: drochmhaitheach, go holcamhail, le drochaigne. An-dhubh in aghaidh ár gcreidimh: gan fulang aige ar thuairmidhibh creidimh an fhir thall. Is mar a chéile an leann dubh so nó an t-uisce dubh: uisce gan faic tríd chun a neartuighthe. An t-uisce dubh ní bhfaghfá uatha gan bac lé biadh: iad an-sprionnlaithe. Glan thu féin, táir chómh dubh leis an ngual: salach, barcach. Bíonn oidhcheannta ann a bhíos “chómh dubh le tóin an phúca”: an-dhubh: “ná feicfeá an té a chuirfeadh méar it shúil”. A gruaig “chómh dubh le háirne”: dubh, dubh a’s scáil ann lé duibheacht. Anuiridh dhein sioc na Nodlag éirleach dubh ar mheacanaibh a’s ar phrátaidhibh: lait sé a’s loibh iad. Thugais an lá ghod lorg, cá rabhais fém chuardach? níor leagas súil buidhe, bán, ná dubh ort: in ao’chor. Beidh na céadta dubha daoine annsúd ag fáiltiughadh roimis an dtaoiseach: sluaighte. “An raibh a lán sa tsochraid?” – “bhí an bóthar dubh (leó)”: daoine go hiomadamhail. Níor mhór duit solas chun eolais, tá an uain chómh dubh le pic: dorcha ar fad. Máire dhubh: bean áirighthe go

mbíonn a folt ar dhath na hoidhche. Cuir díot go dubh anois a's ná fásadh aon fhéar féd chosaibh leis: déin a bhfuil id chosaibh. Bí dubh leis, a dhuine, ná leig id chroiceann é: stóinsighthe, neamhghéillteanach. "Dhein sé sioc dubh airéir" – "dhein sé dubh a's liath é": gach saghas seaca. Chuaidh an scian go dubh ionam: isteach go maith agus go pionósach. Gháireadar go dubh fúm lé háthas mo bhasctha: go dian, drochaigeantamhail. Fair go dubh é, agus ná bíodh sé den diabhal ort é d'éalódh uait: ná tabhair faillighe ar bith ann. Ceangaluigheadh go dubh i gcois a's i láimh me ionnas ná féadfainn "cor do chur dem bhuaraigh": go docht, do-scaoilte. Nuair bhuaileann taom é buaileann sé go dubh é, mar tá sé leice: téigheann sé in achrann go daingean ann. Té dubh: gan liathadh. Ar theacht thar n-ais dom ní raibh rómham i ndiaidh na mbáillidhe ach na fallaidhe dubha: troscán a's rothaidhe árduigheadh chun siubhail. Sin é an teinteán dubh ó éag fear an tighe: gan subháilceas ná fáilte. Teinteán dubh: gan teine. Is ag an mbaintreabhaigh bhoicht atá an teinteán dubh ó fuair a cuid bás: uaigneach, lán de dhuairceas. "Léan go dubh ort" (drochghuidhe): go dtagaidh mío-ádh dian ort. Is dubh an duine é sin, ní maith beannughadh dho: duairc, neamhchainnteach, neamhshubháilceach.

dubh: *f.1.* doircheacht, dath na hoidhche, ball nó teimheal: "bleaist", aicíd phrátaidhe: drochaigne, blúire beag. An bhliadhain a tháinig an dubh ar na prátaidhibh do loghadar istigh 'samuigh: an galar: pláigh nó támhaighe ar phlanndaidhibh. Lé dúthracht oibre agus fonn dulta chun cinn d'fhanaidís ag obair ó dhubh go dubh: ó "lóchtaint an lae (na maidne) go lóchtaint na hoidhche": ó mhoiche maidne go deireannaighe tráthnóna. Oiread agus dubh m'iongan d'arán ní bhfuaireas ón scolthartach ocrach!: oiread an frighe: cáithne. Géilleadh dubh iongan ní dhéanfadh sé lé n-a cheanndáine: ní stríocfadh sé blúire beag. Ná bí ag gearán a's a rádh nár marbhuigheadh thu, níl dubh t'iongan ort: ní fiú biorán a's ar éirigh duit. D'aiteóchadh sé an dubh 'n-a gheal ort: bheadh sé d'iarraidh a chur in iúil gurb aige féin bheadh an ceart dá shoiléire gurb aige bheadh an mícheart. Fear seóidh seadh thu, agus na bróga san do thógaint i leith iad bheith go maith, níl aon bhaoghal ná gur cuireadh "an dubh 'n-a gheal" ort-sa: gur mealladh thu: gur buaileadh bob go cruinn ort. Fágadh gan dubh gan dath me: scriosadh me. Ón lá do mharbhuigheadar a dhreatháir ní ruagfadh faic an dubh as a chroidhe: an fonn díoghaltais. Ní dheárna dubh ar neach riamh: níor agras i leith díoghaltais faic, ná níor dheineas aon nidh goirtightheach ná lé drochaigne. Stad ná staon ní théigheann ar an seiciliúir leinbh sin ach ag gol idir an dá dhubh: ó mhaidean go moch go tuiteam oidhche. Ag cur an dá dhubh le chéile d'iarraidh sibh do chongbháil i bhfóirthint a chéile ar ocras a's easbhaidh: ó éirghe gréine go fuineadh. "Tá airgead agam" – "tá sé idir dhubh a's gheal" (agat): gach aon tsaghas, airgead bán, prás, ór etc. Má thagann dubh na hoidhche annso orainn, is linn fanacht ann go maidean: doircheacht. Bhain dubh na hoidhche an long díom: mhúch sí sa doircheacht. Buidéal duibh chun scríbh: leamhaisc áirighthe chuige sin.

dubha: *b.4.* brón, duairceas. "A dhóirse dubha dúnta le buidhiughadh gréine" (dán): dóirse go bhfuil cuma dhubhach ortha, a chuirfeadh brón ort toisc ná díonaid neach anois. Mhairbh an dubha í ar bhás a fir: an trombhrón gan leigheas. Ó fhág sé an tigh tháinig an dubha air gan seódh ná greann: sost brónach.

dubhach: *a.* brónach, duairc, ísle-bhrigheach, doilgheasach, buadhartha, doilbhir. "Is dubhach liom mar taoi ag caitheamh do shaoghail gan áit fascan ón oidhche agat, ach ag

brath ar dhaoinibh eile": brón ar m'inntin. Bheadh scéal dubhach agam bheith ag brath ar an ndéirc chun mo chothuighthe: dobrónach: fuar. Deineadh taidhbhreamh dubhach airéir dom go rabhas sínte i gcómhrainn!: claon lé heagla a's duairceas do chur amach. Táir bocht d'aindeóin mo dheaghchómhairle, a's ní dubhach liom-sa san: ní mór é mo mhairg n-a thaobh. Ráinig go dubhach deagach aige nuair fuair sé a thigh 'n-a luaithreán tréis an chatha: go tinn, brónach. Tháinig gála dubhach aniar nár fhág sop in iothlainn ná slinn ar thig: millteach: léirscriostach.

dubh-bhrat: *f.1.* éadach dubh. B'ait liom cad bhí chugham sa bhóthar ná féadfainn a dhéanamh amach, nuair chonnac na dubh-bhrata go léir, cad bheadh ann ná mná riaghalta: dealbha go n-éadaighibh dubha. Dubh-bhrat bróin: éadach dubh in éagcaoineadh dhuine.

dubhachas: *f.1.* brón: duairceas: doilbheacht. Is mó mo dhubhachas leat ná m'fhearg, mar ná bíonn do chiall féin ná ciall aonne eile agat nuair bhír as an slighe lé digh: is mó mo thruagh dhuit: is mó do ghoillir orm. Cuireann sé dubhachas croidhe air bheith i n-a aonar, fear ná bíodh aon easbhaidh cuideachtan air: claoidhteacht spiride. Cad chuir an dubhachas id ghnúis: an chuma chlaoidhte.

dubhachtaint: *b.2.* ar dháil bheith ag iontráil dubh, nó ag lobhadh. Bídh ag breith chughaibh, tá sé ag dubhachtaint thiar: ar bhur bhfaire, tá an spéir ag doirchiughadh. Cuirtear an chloch ghorm ar na prátaidhibh chun iad do choimeád gan dubhachtaint: an támhaighe mhillteach. Tagann dubhachtaint ar mo chroidhe nuair chídhim an tslighe atá an óige tugtha do rinnce a's do scléip, gan éileamh ar ghnóth ná ar chúram aca: duairceas. Lé dubhachtaint na hoidhche éirigheann an ceann cait amach ar thóir a chreiche: an chróntráth: clapsholas. "Cad dhein an dubhachtaint seo ar an bhfalla?" – "an datach": dath dorcha, dubh. Tá na prátaidhe ag dubhachtaint istigh, is fearr bheidís amuigh i bpollaibh: ag lobhadh.

dubh-aigéan: *f.1.* an poll is doimhne agus is diamhaire. Is iomdha rud luachmhar curtha ar thóin an dubh-aigéin ges na báid fé thuinn ó thúis an chogaidh: ar thóin na bóchna. I ndubh-aigéan a gcroidhe tá an doicheall aca liom, cé ar a ngnúis gur dhóigh leat go raibh an-fháilte aca rómham: coilid a n-inntin orm. "Léim caorach i ndubh-aigéan" duit an phingin dhéidheannach do chur síos ag súil le breith: iarracht fhastaomach: beart gan deallramh.

dubháilce: *f.4.* olc, béas olc, duairceas: míoshásamh, neamhéascaidheacht aigne. An dubháilce is mó rug riamh orm gan bheith in Áth Cliath Seachtmhain na Cásca. Imthigheadh an dubháilce dhíot, ní hort-sa bhí an locht gur claoidheadh sibh: duairceas: tuirse croidhe. Dubháilce éigin indiugh air go bhfuil sé gan léim, gan phreab: rud éigin ag déanamh mearbhaill do. D'imthigh meas na ndaoine dhe mar ní raibh dubháilce fén spéir nár chleacht sé – ólachán, gadaidheacht, etc.: gach aon nidh olc budh mheasa ná a chéile.

dubháilceach: *a.* olc, meathta, duairc, míoshásta. B'fhearr liom gan é do chainntiughadh, tá croidhe dubháilceach aige gur buadhadh: ar aiste aigne gur bh'fhuraiste fearg do chur air. Maisle chuige, a's dhá mhaisle chuige! mara dtugann tor ort ná bac thart an

seanchrúnca, dubháilceach atá ó rugadh é: gruamdha, canntalach, stuacach, spuaiceach. Bheadh aonne dubháilceach lé beart ar phúnt sa tseachtmhain: míoshásta. Crot dubháilceach ar an áit nár thaithnigh leó lonnughadh ann: neamhthaithneamhach. Ná bí dubháilceach liom, déanfad mo dhícheall feasda ar bheith níos fearr: míchéadfach: doshásta. Is dubháilceach liom do bhearta, cuirid na daoine ag cainnt ort: mí-iomcharach. Béasa dubháilceacha ná béarfaidh clú ná meas duit, seachain iad: olc, urchóideach.

dubháilceas: *f.1.* brón, míchéadfadh, duairceas. Dubháilceas d'aonne éirghe go rómhinic mar chaitheann dochtúir aon am den oidhche go dtagann an glaodhach air: ciapuightheach: cráidhte: a chuireas as do lé n-a mhíothráthamhlacht. Leabaidh chruaidh, chnapach cad eile í ach dubháilceas?: docamhlacht: mísheacaireacht, míshéan. Cúis dhubháilcis dóibh long chogaidh do chailleamhaint: cúis duaircis, bróin. An diabhal dubháilceas do chuireann aonnidh ar an nduine céadna, sé is neamhchradhscalaighe: clipe: ciapadh: cur as do.

dúbailt: *b.3.* (*-alta*) a dhá oiread: fá dhó. Ag dúbailt a chasóige fé n-a cheann: ghá haithfhilleadh. Tá dúbailt chéille aige ná fuil ag aonne eile aca: a dhá oiread. Má fuaireas aonnidh uaidh nílim fé haon chomaoin aige, fuair sé uaim é ar a dhá dhúbailt: fuair sé go rabairneach. Dúbailt duaidh dom rud do dhéanamh mícheart, "fill orm", ars an drochghnóth.

dubhaim: *b.a. 7 n-a.* tugaim dath dubh ar: teimhealuighim: doirchighim, brónuighim, feóchaim, millim, loiscim, módh órd, duibh, dubhuigh. Cad dhuibh do shúile táid ar nós an tsughaidh? Dath buidhe ar na brógaibh gur dubhadh iad: tugadh dath dubh ortha. Is minic do dhubhais mo chroidhe ag áirneáin, ag feitheamh leat a's ná feadar an marbh nó beó thiocfá chugham: bhrónuighis me. Dhubhuigh an droichíle gloine an lóchrainn: chuir sí smúit dhubh uirthe: dhoirchigh sí. Ar amharc na droichíde a bhí tugtha ar a chuid oibre aca do dhubhuigh a's do ghormuigh aige: d'atharruigh an líth nádúrdha ann lé buinne feirge. Dubhfaidh go maith agat sara raghad-sa chun t'fhóirtheana: tiocfaidh canncar agus clipightheacht ort de chionn mé t'éimeadh. Gen ngleódh a's an ngeóin a bhí sa tseómra budh ghiorra dhom níor dhubhaidh néal i rith na hoidhche orm: níor luigh duilleóga mo shúl ar a chéile. Dá mhéid iomard a bhéarfadh air ní dhubhfadh aige: ní bhrónóchadh sé: ní chúbfadh sé.

dubhairt sé dábhairt sé: briolla brealla, scéal scéil: "dubhairt bean liom go ndubhairt bean léi": futa fata: "deirtear ameasc daoine go saoirseóchaidh an plúr" – "scéala rómhaith é sin, níl ann ach "dubhairt sé dábhairt sé": cainnt gan éifeacht. Ar feadh na hoidhche ní raibh ar siubhal gen leadhbóig ach "dubhairt sé dábhairt sé": bhriollabhrealla: futa fata: cainnt gan aon bhun ná fuaimeant.

dúbalta: *a.r.* fé dhó, fillte, a dhá oiread. Focal go bhfuil ciall dhúbalta leis: gur féidir droichbhrigh agus deaghbhrigh leis. Chuireas snadhm dhúbalta ar an éill: snadhm os chionn snaidhme: athshnaidhm. Bíodh do théad dúbalta a's ní bhrisfidh: dá chor di.

dubhán: *f.1.* aon rud camtha chun greama d'fhagháil: dubhán iascaigh: ceann den dá sheathar i réagún na leiseann ar dhá thaobh buin an chnámha droma: baill congbhála an

fhuail. Táimíd ar dhubhán aige anois: i ngreim. Cuir "na dubháin" san mbiadh: greamuigh do chuid de. Ná cuireadh an cat "na dubháin" ionat: na liodáin. Dubhán alla: feithide fadchosach. Nead dubháin alla: a ghnáthóg. Iomard dubhán: gan iad do bheith i bhfeidhm cheart.

dubhánacht: *b.3.* iascach lé dubhán, slait etc. "Dubhánacht sealgaireacht a's mionfhiadhach na trí gnótha is neamhthairbhighe amuigh" (seanfhocal). Dá mbeitheá "ag dubhánacht choidhche orm" ní bhfaghair faic dem bharr: ag meallaireacht: ag tnúth lé rud do bheith dem bharr agat.

dubh-bheart: *b.3.* fadhb dheacair. Tá sé n-a dhubh-bheart ar Shasana a's ar an bhFrainnc cad é an chéad tsáthadh eile ag an nGearmáin: ainbhfios: rud go bhfuilid dall air. Sid é fear na ndubh-bheart do réidhteach: an té a bhíos i bhfeighil rudaidhe deacra do leigheas. "Tar éis a tuigtear gach dubh-bheart" (seanfhocal): ar mbeith réidhtighthe bíd soiléir. B'fhuraist aithint gur bh'í an chroch a staitse sa deireadh a's a raibh de dhubh-bheartaibh déanta aige: bearta gránda, olca.

dubh-bhuille: *f.4.* buille nó stiall dhochaiseach, buille cliste, fuinneamhail. Chaitheas dubh-bhuille do thabhairt do lém bhais chun é mhúscailt, bhí sé 'n-a mheig chodlata: buille fuinnte. An dubh-bhuille a fuair sé sa chúl níor éirigh sé ó shoin aige: buille dochaiseach: trombhuille. Dubh-bhuillidhe aca ghá thabhairt dá chéile go raibh súile dubha agus duartan fola leó: buillidhe teanna, binbeacha. Ar an gcorrán a tugtar an dubh-bhuille i gcródh na dórnála: an buille a chuireas ar lár.

dubhchodladh: *f.* (*-ata*) suan trom. Tá sé 'n-a dhubhchodladh a's go n-éirighidh sé slán: 'n-a mheig chodlata: sámhchodladh. Tá sé 'n-a dhubhchodladh ort, téighir 'on leabaidh. Cuirfead-sa dubhchodladh ort le dubh-bhuille: sa tslighe a's go mbeir gan aithne ar feadh tamaill. Is iomdha fear acfuinneach dár sinnsear 'n-a ndubhchodladh san roilig sin thíos: codladh ná fuil dúiseacht an tsaoghail seo air.

dubhchodlatach: *a.* tromshuanmhar: támhach. A mhangaire, a shúmadóir! ná deárna luach leathphingne lé coighcíos maran dubhchodlatach ataoi, budh dhóigh lé duine ort go raibh branar déanta agat: tromshuanmhar. Ainmhidhthe dubhchodlatacha na seacht gcodlatánaigh: fada, trom.

dubhchosach: *a.* go gcosaibh dubha. Tomás dubhchosach: go mbíodh a chosa gan glanadh, gan nighe.

dubhchroidhe: *f.4.* croidhe nó aigne olc. Is cuma liom cad deir sé ó's rud é ná fuilim cionntach, a's gur bh'é mo dhlúthchara tráth é, níl an dubhchroidhe agam do: míorún: droichmhéin. An dubhchroidhe atá annsúd ní mhaithfeadh sé dá athair: an drochaigne: an calcadh ná bogfadh guidhe ná iarratas. Le dubhchroidhe ceart do bhuail sé me: antoil: fonn díoghbhála.

dubhchroidheach: *a.* brónach, duairc, leasc: míorúnach. Bleaigeárd dubhchroidheach a bhuailfeadh aonne lé buidéal: gan trócaire. Ag gabháil ar an madra bocht go

dubhchroidheach gur shásaimh sé é féin de: díomasach: droichmheónach. Beidh na tíortha go dubhchroidheach i ndiaidh screasa an chogaidh seo: gan áthas.

dubhdhóighte: *a.r.* loiscighthe agus dath dubh ar, uathbhásach, adfhuathmhar. Buaileadh go dubhdhóighte na cimidhe ná haithneófá súil ná béal ionta: gráineamhail: gan géilleadh, gan trócaire. Labhardar le chéile go dubhdhóighte agus ní raibh ceannach na mionn ortha "go mbeadh deargnáire ort bheith i gcomhchlos dóibh": go bréan, neambéascnach, tarcuisneach. Thuit an bhunóc 'on teine a's tá a cosa beaga dubhdhóighte go maith: dath dubh tugtha ge teas a's loscadh na teine ortha. Chrith sé ó bhonn bathas nuair labhair an breitheamh bréithre dubhdhóighte bháis na croiche air: briathra uathbhásacha, scannruightheach.

dubhdhortadh: *f.* (*-ttha*) dortadh nó scaipeadh mór, duartan, do dhortadh go trom gan staon. A cheann ag dubhdhortadh fola gur shil sé an braon déidheannach a bhí 'n-a chroidhe: dortadh 'n-a shlaodaibh. Ag dubhdhortadh bháistighe go raibh na haibhnteacha ag scéitheachtaint le tuiltidheachaibh: duartan gan lag: díle.

dubhdhoircheacht: *b.3.* doircheacht iomlán. Connus a mheabhruigheadar aníos an fhaill mhór i ndubhdhoircheacht na hoidhche ná feicfeá treó coise nó láimhe: doircheacht ná raibh aon léas radhairce lé fagháil tríd. An bitheamhnach ceart níor bh'fhearr leis dubhdhoircheacht na hoidhche 'ná bolgán an lae ghléigil, ghil: clúid dhorcha na hoidhche chun a ghairme do chleachtadh.

dubhdhruim: *b.2.* éimeadh, éaradh, neamhshuim, séanadh, seachnadh. Tréis machtnaimh do buaileadh 'n-a aigne dul 'n-a mhanach, an saoghal do thréigean agus dubhdhruim do thabhairt do choidreamh na ndaoine: diúltadh iomlán lé haon bhaint do bheith leo aige. Go dtí lá a bháis ní leigfeadh calcuightheacht a chroidhe dho i ndubháilcidhibh dubhdhruim do thabhairt leis an ndroichbheatha: leabharughadh léi. Bheannuigheas do, fuaireas an dubhdhruim uaidh: níor leig sé air go bhfeaca sé me: budh mara an chéile leis me nó salachar a bhróg. An fear galánta ná tabharfadh dubhdhruim le haonne: éimeadh, séanadh.

dubhghlaise: *b.4.* léithe, duibheach, feannaideacht. Dubhghlaise an mianach atá sa charraig. Dubhghlaise 'n-a cheannaghthaibh a chuirfeadh in iúil duit go raibh sé tréis taom breóidhteachta: dath liath. Ghaibh dubhghlaise na maidne tríom, gur ghlac creathaidhe fuachta agus úirleacain mé dá dheascaibh: fuacht nimhneach: feannaideacht. Bó ná ainmhidhe eile ní bhuailfeadh a phus ar an bhféar lé n-a dhubhghlaise tréis na síne ón bhfarraige: feóidhteacht síne.

dubhghlas: *a.* dorcha, idir dhubh is ghlas, ar dhath na luaidhe. Níor stadadh de bheith ag gabháil air go raibh a shúile dubhghlas: dath gránda, modardhorcha. Ná fuil dath dubhghlas, cad b'áil leat ag cainnt mar sin, tagtha ar aghaidh na talamhan agus ar na daoinibh ge holcas na bliadhna: dorcha, tréigthe.

dubhghlas: *f.1.* glas daingean, neamhsho-oscailte. Cuireadh fé dhubhghlasaibh é, in áit a chuirfidh deireadh lé n-a dhroichbheartaibh: i ngéibhinn chruaidh. Cuirfear in áit fós thu

go mbeidh dubhghlais ort: i gcarcar do chríochnochair-se do shaoghal. Ná beir go bhfuilim-se fé dhubhghlais agat-sa ná ag aonne eile bhur dtoil do dhéanamh: fé chuibhreach: d'iachall throm orm.

dubhghlasaim: *b. n-a.* tagann dath idir dhubh is ghlas, ar nós datha na luaidhe. Dhubhghlasuigh sé, is maith is cuimhin liom an lá ar scoil tréis na pípe d'ól do: liathbhán, mílítheach. Dubhghlasuigheann an áit sa gheimhreadh, toisc gan aon fhoithin do bheith ann: tagann dath mílítheach, báidhteach ar ucht na talmhan.

dubhghnúiseach: *a.* dubh nó dorcha i bhféachaint, daighceach: crosta. Daoine dubhghnúiseacha seadh treabhacha na hIndia go léir: dorcha ó nádúir ar a n-aghaidh. Chuirfeá dochma ar aonne labhairt leat, táir chómh dubhghnúiseach san: cuma chómh crosta san ar do cheannaghthaibh. Níor bh'iontaoibh leis an bhfear bán daoine dubhghnúiseacha ná ní lugha b'iontaoibh leo san é: treabhacha go raibh téadh dhubh 'n-a gcneas.

dubhghorm: *a.* dorcha agus gorm. Tháinig dath dubhghorm orm ó shíonchar na hoidhche: dath glas liath an fhuachta agus an éaga tríom. Budh dhiall an bhuile do chuir a gcuid cainnte air gur iontráil sé dubhghorm: d'atharruigh an fhuil ann ar an ndath san.

dubhghormuighim: *b.a. 7 n-a.* cuirim an dath san ar (rud): iontrálaim mar sin. Dhubhghormuigh an talamh lé déine na droichshíne: tháinig dath míonádúrdha ar ucht na talmhan dá bharr. Dubhghormuigh an t-éadach, tá an néal ghorm róláithreach ann: doirchigh breis é. Dubhghormuigheann prátaidhe a's an uile shaghas meacan lé sioc nó báistigh: tagann dath tuar an lobhaidh ortha.

dubhlacht: *f.3.* bainne gan mhaith, bainne díblidhe. B'é milleán an dochtúra itheadh feóla bó an dubhlachta, gur chuir sé nimh i nduine: bainne drochdhathach, neamhscabhárdamhail. Ní bhfaghfá uatha san, na sconnairidhe, ach an dubhlacht: an rud is measa do bheadh aca, go mórmhór bainne nó deoch eile.

dúbláil: *b.3.* do dhéanamh fé dho: d'fhilleadh ar a chéile: camadghail nó cealgaireacht. Cad é an dúbláil atá agat leis na cártaidhibh sin, ní foidhneófar an chalaois annso uait: cleasaidheacht cham. Ní ritheann an dúbláil lé duine choidhche, tugann gach duine meastamhail an dubhdhruim di: an chleasaidheacht liom leat. Ag dúbláil an ghill as an gcapall: ag tacaidheacht leis a dhá oiread airgid.

dúblaim: *b.a. 7 n-a.* breisighim go dhá oiread rud i luach, i méid, in uimhir nó i dtómhas. An geall atá thíos agat – leathchoróin, dúblóchad é .i. cuirfead síos coróin. Nár mhór mar chuaidh líon an pharóiste i méid gur dhúbláil sé i bhfiche bliadhain: go dtáinig a dhá oiread de rath air. Dúbail an páipéar chun a threisighthe: cuir dhá sleamhanc de lé chéile.

dubhlaithe(ach): *a.* deacrach, forasta. Léan go dubhlaithe(ach) air mar scéal, caithidh uaibh é, ní deas é: léan dáiríribh air. Cad tá ar maoith agat go bhfuilir chómh dubhlaithe(ach) san, rud nách gnáthach leat, ach bheith meidhreach, gealgháirteach: cuma na dáiríre. Rud dubhlaithe(ach) duit tu do bhriseadh as do chuid oibre agus a

ghannchúisighe atá obair fé láthair: tromthábhachtach. Níl aon teacht aniar indiugh ionat, níl fonn seóidh ná cleas ort, b'anna(mh) leat bheith chómh dubhlaithe(ach): duairc: id staic.

dubhlasair: *b.5.* bladhmsach; breó dhubh. Chuaidh de lucht mhúchta na teine aon ghaisce do dhéanamh ar an iothlainn toisc na dubhlasrach a bhí 'n-a slaodaibh tríd: tóiteán uathbhásach. I ndubhlasair ifrinn go losictear thu (drochghuidhe): teinteacha teódha, diamhaire, loiscightheacha. Ní teine atá ann ach dubhlasair: céasadh a's crádh.

dubhloscadh: *f.* (*-ctha*) toiteán fóirleathanadamhail, ó thóin ceann: droichchrích. Ghom dhubhloscadh féin go hamadántamhail ag tabhairt cómhairle dho dhaoinibh ná fuil tor madra aca orm: ghom chiapadh a's ghom mhilleadh féin: ghom chéasadh féin. Dubhloscadh ar gach n-aon a dheárna mo dhíoghbháil: a ndul lé teine! Dubhloscadh ar gach tigh aca!: go dtógaid teine agus go n-ithtear go talamh iad! Mise fuair an dubhloscadh isteach go dtín mbeó nuair bhuail seama croidhearg sa láimh orm: loscadh diachrach, piantamhail.

dubhloiscim: *b.a.* loiscim go díoghbhálach, ó thalamh. Thuit an t-uisce fliuchaidh ar a chrobhannaibh a's dubhloisceadh é, go raibh an cnámh lé feiscint!: loisceadh go dona, diachrach é. Ná dubhloisc tu féin leis!: ná faigh a thuilleadh dhá dhuadh, óir gur fuar é do ghnóth. Tá na "Cómhachta Cómhair" (Sasana a's an Fhrainnc) dubhloiscighthe ná feadraid cá háit go n-ionsóchaidh an Ghearmáin: clipighthe: cráidhte leis an meargó atá curtha ortha lé hainéascaidheacht Hitlear. Dubhloiscfead-sa an croidhe aca san fós as a míghníomh orm: cluichfead, ciapfad agus connaphianfad iad: beid chómh suaidhte, dóighte in aigne a's bheidís i gcorp tréis iad do loscadh nó do scóladh: scólfad iad. Ars an bhean lé n-a fear (nár thaithin léi), "fág me! táim dubhloiscighthe agat": chómh dóthanach, cortha dhíot a's ná féadfainn tuilleadh d'fhulang uait. Ní dhubhloiscfinn me féin leat: ní bhroicfinn led fheádhannaibh .i. t'imtheachta.

dubhluachair: *b.3.* 7 *5.* an chuid is déine agus is géire den mbliadhain: corp an gheimhridh idir Nodlaig agus Féile Bhrighde: aiste nó dáil ainéascaideachta. "Tá sé 'n-a dhubhluachair" ars an té leis an mithil ná feacaidh ach an ghannchúis le n-itheadh aca: 'n-a dhrochshaoghal. Tréis an Chogaidh Mhóir cheana tháinig dubhluachair mhór thráchtála ar gach tír, go raibh na dubhchéadta long díomhaoin i gcuantaibh ar fuaid an domhain: mairbheacht, neamhanamamhlacht. Is olc an t-am duit bheith ag lorg furra (foráiste) i ndubhluachair na bliadhna: an tráth is lugha go mbíonn puinn in iothlannaibh. Níor fhan ruibe féir beó ann os chionn talmhan le dubhluachair na bliadhna, dhubhghlasaidh sé lé gaoith a's fuacht a's báistigh: an tráth budh ghéire a's budh bhuirbe. An dubhluachair go dtagaidh ort (drochghuidhe): mío-ádh go mbeir in easbhaidh mhór. Ar amharc dhuine ná bíonn cuma shláinteamhail air déarfí lé seódh, "ní chuirfidh sé an dubhluachair de!" .i. níl fulang struis ná easbhaidh ann.

dubhluighe: *f.4.* mío-ádh dian-luigheachán trom. "Dubhluighe ort-sa, a bhacaigh, ní bhfaghair mo leanbh-sa", deir bean lé n-a bunóic d'iarraidh a cur chun suaimhnis a's suain: dul go holc ort: mío-ádh trom ort (atá d'iarraidh mo pheata d'árdach leat id mhála).

Dubhluighe fada ort ná fanfadh socair maran me atá dubhloiscighthe agat: míoráth a's tinneas.

dubhnamhaid: (**dubhnamha**) *b.5.* namhaid mharbhthach, nimhneach. Bead im dhubhnamhaid agat an dá lá dhéag a's faid mhairfead, ní mhaithfead duit, agus pé sásamh a bhainfead asat ní cúiteamh ar mo ghráin agam ort é!: duine go mbeidh faltanas agus drochaigne aige dhuit. An diail dubhnamhaid an pheacaigh, ar a dhícheall ghá threórughadh chun uilc: eascara gan coinsias. Agam-sa, níl aon dubhnamhaid ach an fuacht anoir, mo cheann fúm gan mhoill aige: rud a ghníos mo dhíth. Dubh-namhada dhúinn riamh Sasanaigh, ní bhogfaidís a ngreim, ní ghéillfidís ár gceart, ní choigleóchaidís nuair bheimís i ndraip aca: aicme eascáirdeamhail. Dubhnamhaid lucht na dtighthe tábhairne an maor nuadh, faireann de ló agus d'oidhche iad, ghá mbreith os cómhair cúirte ar a luighead bhriste na dlighe: freasabhraidhe ná stríocann dá gclaoidheachtaint.

dubhnamhadach: *a.* dian-eascáirdeamhail: nimhneach, rómharbhthach. Chómh dubhnamhadach a's ná glacfadh sé díoladh, cúiteamh ná sásamh ar aon tslighe go bhfaghadh cao agartha a mheóin féin: rónimhneach in aigne. Táid na tíortha go dubhnamhadach in aghaidh a chéile anois ag ár, ag slad, ag dubhloscadh a's slad a chéile: ar báinighe chun sásta do bhaint amach. Budh dhubhnamhadach leis an siopadóir: bhí sé ag gabháil ar gach aonne 'sag tabhairt an taoibh síos suas den a raibh sa tsiopa gur bh'éigean do an doras do thabhairt do.

dubhnáire: *b.4.* náire amach 'samach. Chuireadh na cainnteanna míobhanamhla a bhíodh aige dubhnáire ar na daoinibh go gcromaidís a gceann lé déistin. Dubhnáire d'aon athair nó máthair gan scolaidheacht do thabhairt dá gclainn a's iad do scaoileadh dall, dorcha fén saoghal: náire dosháruighthe.

dubhradán: *f.1.* ball beag dubh, broth. "Cad fáth go dtugair fé ndeara an dubhradán atá fé shúil do dhreathár agus ná cuirir in iúil an tsail atá it shúil féin" (Matha VII. 3): an baillín bíognach. "Ní lia dubhradán i ngath gréine 'ná iad" (rádh): ní lia gainimh ar tráigh (táid chómh hiomadamhail leis): ná sceidín i ngath gréine. Cogar, a dhubhradáin, mara dtéighir-se abhaile pasálfaidh duine éigin ar an sluagh so thu: a thruagháin, a shuaracháin.

dubhrúnda: *a.* an-rúnda: ródhoimhin don dtuigsint. "Go bhfuil trí pearsanna i nDia rud ró-dhubhrúnda dhúinne a thuigsint: téigheann thar riocht ár dtuigseana. Cad atá nó ná fuil thíos ar thóin an dubh-aigéin tá dubhrúnda orainn: dorcha: dall: táimid in aineólas ar fad air. Ar feadh dhá bhliadhan bhí na bleachtairidhe ar thóraidheacht iasachtaidhe dubhrúnda éigin a bhí ag déanamh mórán spiaireachta a's nár bh'fhéidir breith air: fé cheilt d'aimhdheóin gach iarrachta ar a nochtadh.

dubhsamánach: *a.* duairc, neamhfhéicheamhanta, deacair: neamhéascaidh. Meón dubhsamánach aige ná beadh a fhios agat nó uait é, nó cad budh cheart do dhéanamh d'fhonn é do choimeád i ngnaoi: searbhiomchair. Ní fheadar liagh ná banaltra cad is cóir do dhéanamh do dubhsamánach lé gach aon nidh a deintear do, ghá rádh chun a dhíoghbhála é: doshásaimh. Fágaimís in uath 's n-a aonar é, ní chostálfadh Éire leis an

súmadóir dubhsamánach!: gruamdha, aingciseach. Bean béil dorais dhubhsamánach nár mhór duit bheith ar t'aire féin uirthe ó Luan go Satharn, a lasfadh chughat "ar mhúngó mhanngó": bean gur dheacair maireachtaint in athchomair di, leis an meón doshásta atá aice.

dubhsamánaidhe: *f.4.* cníopaire, clamhsánaidhe gan chuimse. Dubhsamánaidhthe ní theastuigheann uainn ar an ngnóth tábhachtach so acht dianoibridhthe a thabharfaidh a bhfuil ionta d'fhonn éirghe linn: fuairéidhthe ná stadann de ghearán. Chaillfí a stoc air leis an ndubhluachair, scriosfadh an Riaghaltas lé císeannaibh é, shladfadh siopadóiridhe lé hárdluachaibh, thiocfadh Hitlear a's dhóighfeadh sé ón aer an tigh air! sid é an port a bhí ag an ndubhsamánaidhe!: an gleódh dubhach, anacrach gan dóchas.

dubhshlán: (**dubhslán, dubh-shlán**) *f.1.* $_{7}$ *3.* cuireadh chun cómhraic: gairm chun freagartha do thabhairt in aithis nó i dtarcuisne: misneach dul i leith ruda nó duine bheadh ar do thí: dánughadh: do chur ar neamhnidh: greannughadh. Annsan a dubhairt Dáibhí leis an bhFilistíneach, 'tig tusa chugham-sa lé claidheamh agus lé gath agus lé scéith acht tigim-se chughat-sa in ainm Tighearna na slógh, dia-shluaigh na n-Israelíteach a ghreaumigh tusa' (i. Somhairle XVII. 45). "Bheirim-se dubhshlán fé shluagh Israelíteach indiugh; cuiridís chugham duine go dtroidimís a chéile": cuireadh chun troda. Bheirim mo dhubhshlán fé leabharthaibh, táim cortha dhíobh: diúltuighim dóibh: tréigim iad. "Aon lá den seachtmhain threascróchainn in iomarscáil thú" – "a dubhshlán fút": tástáil é, agus cruthuigh é má táir 'n-a chumas. "An dtagann sé abhaile in ao'chor anois?" – "ní thagann, is fadó riamh thug sé a dhubhshlán do": d'fhág slán a's beannacht aige: thug an dubhdhruim do. "Mo chómhairle dhuit stad nó is tinn duit" – "mo dubhshlán féd chómhairle": éimim í: ní thógaim aon cheann di. Dubhslán a bhfuil láithreach me do bhualadh: anois an t-am ag aonne go bhfuil amhras aige air féin. "Seasóchaidh an dúthaigh bheag seachtmhain leo": "sé a dubhshlán é": sin uile: a dóthain d'ughaim tharraic sin. Rinne sé ar mo dhubhshlán é: thar mo chrois: dem dhearg-aindeóin. A dhubhshlán fút gur neamhchneasda an duine thu: cuirim id leith gur mar sin duit.

dubhsmacht: *f.3.* leathtrom: daoirse: foirneart. Is mór an dubhsmacht é nách féidir liom mo thoil féin do dhéanamh ach an rud is áil leat-sa: lámh láidir. Bhíodh an oiread dubhsmachta ges na tighearnaidhibh talmhan ar na tríontaidhthe má bheidís lá siar leis an gcíos go gcaithtí amach ar an mbán iad: tíoránachas: ceannaireacht: cómhacht chun pé rud budh mhaith leo do dhéanamh. Ní smacht in ao'chor atá aice ar a clainn ach dubhsmacht ní leómhfadh ar rinnce ná ar chaitheamh aimsire iad: cómhacht thar meón. An clár raice a gheóbhainn leis an muir mhóir b'éigean dom scaramhaint leis, nách é an dubhsmacht é: ughdarás tíoránta. Gan scéala isteach ná amach uaim in uath-ghéibhinn an phríosúin nár b'é an dubhsmacht é: duaidhnéis neamhdhaonna. Féach an deabhadh atá abhaile air le heagla, tá an dubhsmacht ar an gcladhaire: ughdarás dian a mhná.

dubhsholas: *f.1.* solas múchta: lagléargas, amhdhoircheacht: solas fé scáth. I rith an chogaidh ghluais gach long fé dhubhshoillse trí leirg an chogaidh d'fhonn ná feicfeadh an namhaid iad: soillse doirchighthe. Seachain thú féin annsan, níl againn ach an dubhsholas, tá iomard éigin ar an lóchrann: solas tréith, fann. Rud ar bith budh dheacair do bhreithniughadh leis an ndubhsholas a bhí ón ngealaigh, bhí scamaill uirthe: solas

anchaoch. Má bheireann an dubhsholas ort is deacair meabhraidheacht sa bhealach fochaiseach, cumhang: an amhdhoircheacht: "lóchtaint" dheireannach na hoidhche.

dubhshraith: *b.2.* an cúrsa nó an bháigh íochtarach d'fhalla. Má tá an tigh sin féin tógtha ar thalamh go bhfuil dúilidheacht uisce ann tá an dubhshraith thíos ag an ngrinneall ann, ní baoghal do tuiteam ná iogán do theacht ann: céadlíne an fhotha.

dubhtha: *a.r.* doirchighthe, ar dhath dhubh: "bleaisteálta". Náire chughat! stad dá bhualadh nách shin é in aon dlúimh dhubhtha agat: a chneas ar fad dubh ó bheith ag gabháil air. Biadh ná beatha ní bheidh sa prátaidhibh seo nách shin é a mbláth dubhtha go cré!: "bleaisteálta": feoidhte ge galar. Ars an fear a tháinig i láthair cuideachtan: "tá mo chlú dubhtha go maith agaibh mo thuairm", (le seódh): sibh do bheith ag tromaidheacht 'sag suainseán orm. Bíonn an oiread san deataigh sa bhotháinín sughaidh go bhfuil na fallaidhe chómh dubhtha lé tóin an chorcáin: smeartha, smúiteach, dubh.

dubhthiomáint: *b.3.* (*-ána*) d'imtheacht nó do ghluaiseacht go fuadarach: ar séirse. Is é Mearaice an áit go mbeifí ar dubhthiomáint ann i rith an lae: ag obair go dian gan sos ná staonadh. D'aithnigheas ar an ndubhthiomáint a bhí fé an tsráid síos go raibh fuadar éigin árd fé: an deabhadh agus an fuirse, gan aire aige ar aonnidh ach pé nidh go raibh ag dul 'n-a dháil. Baineadh dubhthiomáint asam má baineadh riamh d'iarraidh breith ar an dtraen, bhí mo theanga amuigh lé saothar siubhail, ní raibh aon rud ach a rádh gur ruibeas í: deabhadh thar dheabhadh: saothar deithinis chómh mór a's bhí ionam. Ar dubhthiomáint rámhaidheacht ar feadh na feidhle tríd an gceódh d'iarraidh talmhan do shroicheamhaint, allus siar síos linn: oiread agus b'fhéidir do dhéanamh. Fuaireas dubhthiomáint ón saoiste indiugh toisc me bheith déidheannach: thug sé "an béal" dom: "d'ith sé a's dhearg" sé me. Ní gan dubhthiomáint a tháinighis go Dún Chaoin ó Bh'l'Áth Cliath i sé huaire chluig: "siubhal nimhe" do dhéanamh. Thug an dá fhuirinn dubhthiomáint dá chéile, ó caitheadh isteach an liathróid go deireadh ní rabhadar 'n-a sos nóimint: rinneadar imirt chealganta. "A Mhuire, an dubhthiomáint!" deirtear ar amharc deabhaidh móir, aon rud deithineasach, tuargaint nó bualadh. "A Mhuire an dubhthiomáint a fuaireas ón gciothsneachtaidh: an tuargaint agus a dhéine a léas sí me. Lá gearra riabhach é seo, nár mhór duit bheith ar dubhthiomáint chun aon rud cóir do bheith déanta um thráthnóna agat: ag obair ar do chroidhe díchill. Nách é a bhaineann dubhthiomáint as an ngluaisteán: a thiomáineas í go mear gan truagh gan taise dhi.

dubhthroscadh: *f.* (*-ctha*) troscadh iomlán nó troscadh anfhada: céalacan iomlán. B'shiúd iad na fir a sheasuigheadh amuigh ar bholg na farraige ina ndubhthroscadh gan greim ná bolgam faid bhíodh iasc lé fagháil: fanacht fada gan biadh. D'imthigheas ar an dturas fada im dhubhthroscadh: gan faic lé n-itheadh ná súil leis go ceann tamaill. Cad dob áil leat-sa ag cainnt dhéanfadh duine eile 'n-a dhubhthroscadh a bhfuil déanta ó mhaidean agat: ar céalacan: go fuidheach.

dúdálaidhe: *f.4.* útamálaidhe, duine a chuireas go haindeis chun gach nidh do dhéanamh: daoi. Ná bítear ag brath ar an ndúdálaidhe sin nó beidh gnóth leadhbach agaibh: duine gan chrích. Amadán a's dúdálaidhe seadh thu, cuirir chun rud nár cheart duit, gan aon

eólas agat ar a dhéanamh. Tuiteann gach aonnidh as a lámhaibh sin, an dúdálaidhe: aindiseóir neamhchruinn.

dúdán: *f.1.* aon rud i bhfuirm feadóige nó píopa.

dúdóg: *b.2.* píp chun tobac. Níl ach sálóg sa tseandúdóig seo, cuarduigh íochtar do phóca: ádhbhairín ar thóin na seanphípe dá mbeadh blúire beag fuighilligh nár bhfiú puinn agat [tá gliocas iarratais san méid seo]. Ní fhágann an dúdóg a béal: ólann sí "adharc bhalláin" de thobac.

duibhce: (**duibheaca**) *f.4.* fuacht agus cruaidheacht aimsire. Ghaibh an duibhce thríd, gan culaithirt cheart san aimsir fheannaidigh seo: an nimh a ghaibheas fuacht gaoithe. Áit dhuibhce gan foithin gan scairt ar mhaoil an chnuic: scéirdeamhail. Go leathaidh an duibhce thu, maran mór é do chúram fén sín seo: ar creathadh leis an bhfuacht go mbír.

duibhchéalacan: *f.1.* céalacan nó troscadh fada, iomlán. Tréis comaoine coisrice ar an meádhon lae chaitheas dul chúig míle treasna farraige ar duibhchéalacan gan aon rud do bhlas: tréanas fada bídh. D'órduigh an dochtúir do ubh buailte do chaitheamh gach maidean ar duibhchéalacan: gan faic eile de bhiadh na talmhan do bhlas go cinnte roimhe sin.

duibhcheilt: (**dubh-cheilt**) *b.2.* folach iomlán: lántséanadh. An oiread san "muiridhthe fartha" tímcheall an chósta anois nách féidir duibhcheilt do dhéanamh ar an rud a gheóbhfá leis an muir: i bhfolach gan a fhios aca ar bhealach éigin. Péaca cionntach nó neamhchionntach é, d'fhan a rún i nduibhcheilt a chroidhe, mar nár leig sé smiog as a bhéal dá mhéid ceistiúchán a deineadh air: i bhfolach cluthmhair. "Ní rabhas láithreach, agus tinn t'fhiafruighthe ort", ar seise liom, dá thagairt duit gur dhein sé é do dhuibhcheilt orm: nár thug a luighead beag éachtainte an raibh nó ná raibh. Cad é an duibhcheilt atá agat ar an airgead do bheith agat, nách eól don saoghal go bhfeacthas agat é: cad é an chúis atá agat lé bheith ghá shéanadh. Faic ar bith a gheibheann chun a lámh ní bhfaghadh aonne 'n-a dhiaidh dá gcuardófá Éire dhe, pé duibhcheilt a bhíos aige air: folach diamhair, uaigneach.

duibhchíos: (**dubh-chíos**) *f.3.* cíos trom. Nách duibhchíos ar aon sclábhaidhe bocht ná tuilleann thar a deich fichead sa tseachtmhain bheith ag íoc a leath as a thigh: daorchíos. Duibhchíseanna budh bhun lé furmhór na bhfeirmeóiridhe do ruagadh ón dtalamh: císeanna ná féadfí a bhaint choidhchhe as an dtalamh lé n-a dtruime. An gcreidfidh me thu go bhfuil daoine ag maireachtaint ar dhuibhchíos do bhaint de dhaoinibh go mbíonn rún aca ortha trí bhagairt a nochtuighthe: airgead tosta.

duibhe: *b.4.* ar aiste bheith dubh, fuar gan ghrian (aimsir), doirche, néal dhorcha, gruamdhacht, aingidheacht, doiriarthacht. Duibhe ag baint leó ná maithfidís an chúis is lugha ar domhan ach a cothughadh 'n-a gcroidhe: neamhmaitheamhnachas: dochroidheacht ná bogfadh athchuinghe ná eile. Ní bheannóchaidís sa bhóthar duit le duibhe: calcaidheacht aigne: meón dúnta. Fás ná eascar níl san aimsir lé n-a duibhe:

nimhneacht fuachta. Chuaidh sé as eólas i nduibhe na hoidhche gan aithne treó ná riain aige: doircheacht. Culaith ghlas go raibh duibhe innte a bhí air: néal dhubh. (**duibheacht**)

duibheacán: *f.1.* poll doimhin dorcha: poll bog: aigéan. Bóthar sléibhe anacair lán de dhuibheacánaibh go raghfá go bolg ionta, mar nár cuireadh cloch ná cóir air leis na ciantaibh: ciseacha boga, doimhne. I nduibheacán gan éirghe dhuit go dtéighir: i bpoll go múchtar tú ann. Níl duibheacán go raghadh ann ná go dtairngeóchadh é féin as: pé draip nó cruadhtan 'n-a mbeadh thiocfadh saor as.

duibheadas: *f.1.* breis dhoircheacht, breis de chuma dhatha na hoidhche do bheith ag teacht air. Ní mór na bairlíntidhe sin do nighe tá duibheadas ag teacht ionta: iad do bheith ag teimhealughadh: baill bheaga dhubha ag teacht ionta. Tá duibheadas ag dul ar an aimsir, tá an geimhreadh buailte linn: fuaire agus cuma dhuairc. Ní mara a chéile in ao'chor an dá éadach; tá duibheadas i gceann aca seachas an ceann eile: "néal" bheag (néilín) ann. An mhóin go mbíonn an duibheadas innte an cailín: go mbíonn an mianach dubh innte.

duibheagán: (**daibheagán**) *f.1.* poll árd-dhoimhin conntabharthach: an t-aigéan. Is gráineamhail an chrích dhéidheannach ar chorp an duine luighe ar thóin an duibheagáin: thíos ar bhonn na farraige is doimhne. Le faill mhara go dtéighidh sé, an ropaire, nó i nduibheagán ná héireóchaidh as (drochghuidhe). Ar an bhfuadar atá fút agus an t-imtheacht gan srian chómhairleóchainn duit thú féin do sheachaint ar an nduibheagán: mío-ádh tubaisteach.

duibheagánta: *a. n-dh.* fíordhoimhin: rúnda: cosantach ar rún. An uile lá ar bhórd na luinge bhíodh sé ag cainnt lé n-a chómhthaisdealaidhe duibheagánta d'iarraidh "a raibh 'n-a bholg" do bhaint as: duine foluightheach, cosantach ar a rún. Chuirfinn suim 'n-a chuid cainnte roim mhórán, mar dhuine duibheagánta, ciallmhar seadh é: go bhfuil fuaimeant leis. Amhras ar bith ní fhéadfainn do chaitheamh air, cad bhíonn ar bun aige, tá sé ró-dhuibheagánta dom: ní fhéadfainn léigheamh air. Feadh ar feadh do bhíodar ag grúntáil gan talamh do bhualadh, nár dhuibheagánta an ball den bhfarraige: áit gur dheacair tóin do bhualadh ann.

duibhléim: (**dubhléim**) *b.2.* léim fhuinneamhail: léim gan brath: iarracht ghrod, cheannuaiscneach, rúiseach, meardhána. "Duibhléim na caorach 'on duibheagán" (rádh): gníomh ceannuaiscneach: beart neamhfhoidhneach. Duibhléim do a chuid airgid go léir do chur i dtógaint bráca tighe a n-airighim-se a's go ndéanfadh a tríomhadh cuid de thigh a ghnóth: beart gan réamhaire. Amuigh ar fhiadhchloich do agus an t-uisce ag éirghe a's an tslighe idir é agus áit a thárrthála ag dul i méid lé héirghe na taoide, thug sé duibhléim gur shroich sé saor: léim acfuinneach: go raibh neart, fuinneamh a's lúth léi. Thug sé duibhléim cait treasna an strapa agus do ghaibh a ghreim: léim dhiallta.

duibhlionn: *f.3.* (*-leanna*) brón mór, duairceas, ísle spiride. Níor scar an duibhlionn leis ó fuair sé an taom mór breóidhteachta: buaidhreamh aigne agus múchadh croidhe. Ní mhúsclóchadh greann ná seódh é, é ithte gen duibhlionn: duairceas croidhe.

duibhnéall: (**dubhnéal**) *b.3.* néal throm, dhubh, scamall trom, dorcha. Adtuaidh díreach do ghluais duibhnéall go mall, tolgach é "ag sughadh chuige", go gcuirfeadh a imtheacht creithniughadh ort, ag taidhbhseamh go múchfadh an talamh mágcuaird: scamall uathbhásach, scannramhail. Tháinig duibhnéall éigin ar m'inchinn nár chuimhin liom faic ó buaileadh mo cheann fúm: taom trom a bhain m'aithne a's m'úrlabhra dhíom. Crothadh ná glaodh ní dhúiseóchadh é as an nduibhnéall chodlata a thuit air: codladh sámh, marbh, dlúth. Is beag an rud a chuireann duibhnéall feirge air, duine gan aon ruthag: buile go lasann léi mar dhéanfadh geilt (gealt). D'imthigh sé den stair sin le duibhnéall ar chlos do gur tugadh lúbaire air a's níor stad ná níor fhuar gur bhain amach an té adubhairt san: taom obann doshuaimhneasuighthe. Tagann duibhnéall oibre air a's nuair thagann budh dhóigh leat gurb é fear marbhtha céad é lé fuirse ceart: "gach léim as a chorp" chun oibre.

duibhnéalltach: *a.* tromscamallach: lánduairc: tromchodlatach. Caithfidh duine éigin é dhúiseacht mar ná dúiseóchaidh uaidh féin, b'fhusa na mairbh as uaigh do mhúscailt 'ná é, bíonn sé chómh duibhnéalltach san 'n-a shuan: sámhchodlatach: i ndlúthghlas suain a's sáimhe. Bíonn an geimhreadh go léir duibhnéalltach ameasc na gcomar cnoc úd: scáthanna dubha scamall ghá shíordhoirchiughadh.

duibhré: *b.4.* an chéad agus an cheathramha dheireannach den ngealaigh: an t-am den oidhche a bhíos gan ré nó gealach. Beidh duibhré ar thosach na hoidhche anocht: gan solas na gealaighe: beidh an chuid sin di dorcha. Cuireadh "duibhré ar na súilibh" agam nuair bhuaileas mo cheann ar an bhfalla: cuireadh spearbaill orm: thréig mo radharc me ar feadh tamaill. An fada raghaidh an duibhré ist oidhche ambáireach? .i. an fada go n-éireóchaidh an ré (an ghealach). Oidhche duibhréidhig ná raibh oiread agus réilthín ar an speir: an-dhorcha. Oidhche dhorcha dhuibhréidh ná feicfeá méar do chur it shúil: ná raibh aon ghealach ann. Fanaimís leis an nduibhré seadh is fusa éalódh ortha: nuair ná bíonn an ghealach ann.

duibhréidheach: *a.* dorcha ar fad. Chómh duibhréidheach san ná meabhrófá claidhe ná scairt: chómh dorcha san a's ná féadfá aon chómhartha talmhan do bhreithniughadh.

duibhriasc: *f.1.* talamh móna féarmhar, fraochach: talamh saothruighthe as bhogach. "Bóithrín an duibhriaisc", ainm áite atá 'n-a thalamh saothruighthe anois. Budh mhaith an rud san riasc ach é bheith 'n-a dhuibhriasc talamh: drochbhuinn gan mhaith.

duibhthean: *f.1.* duibheacht, brón, duairceas. Sé chuirfeadh an duibhthean ar fad ar do chroidhe dá fheabhas do bheifeá dho gur mó dá bharr a bheadh amuigh aige: griogadh duairc. Chuirfeadh amharc an tighe duibhthean ar an té budh neamhthruaighmhéilighe, gan aonne ann ach cailín agus corpán a dearthár ar bhórd: ní mór ná dtiocfadh dath dubh ar chroidhe duine aige lé n-a bhrónaighe. Nách duibhthean duit gur árduigh buachaill eile an cailín sin ag rinnce uait?: ná goilleann sé ort? Leis an nduibhthean a bhí san uisce ní fada síos b'fhéidir leat d'fheicsint: an doircheacht.

dúid: *b.2.* seanphíp (thobac): an scórnach. Rug sé ar dhúid orm, nách mór ná gur thacht sé me: ghreamuigh sé tímcheall an phíopáin ghairbh do chosc m'anála. Ná beir ar dhúid chómh hobann san air, tabhair cead cainnte dho: ná tabhair iarracht ar é do múchadh le

cainnt. Sé budh chóra do dhéanamh leis, agus níl a mhalairt tuillte aige, breith ar dhúid air: é d'fholathachtadh (.i. an diúch d'fháscadh go mbeadh an fhuil ar tí na féitheanna do phléascadh). Congaibh greim dúide ar do chuid airgid: greim docht: ná bí boigéiseach fé n-a scaipeadh. Seachain tú féin ar an rud nimhneach san, raghadh sé id dhúid ar thap an tairnge: léimfeadh id scórnaigh gan choinne. Líonaidh suas bhur ndúideanna, a sheanmhná, a's bíodh dubhthiomáint ar thobac againn sara n-éireóchaidh sé!: seanphípeanna dubha.

dúidín: *b.4.* pípín, píp bheag. Dúidín atá agat dhóghfadh a ceann mo bhéal, dar ndóigh tá an chos ón stúmpa aiste, nách mór! Tabhair dom seach nó dhó as do dhúidín: d'fhágas mo sheandúid féin ag baile .i. ainm cheanamhail ar sheanphíp aithnideamhail.

dúil: *b.2. ₇ 5.* fonn mór: goile, mian, éileamh: gean, cion: guilm. Bheadh dúil in úireacht (bídh) agat nuair bheadh breis den nguirteamas fachta agat!: fonn mór chun. "Ceannuigh an áit sin uaim?" – "níl aon dúil agam ann": aon éileamh agam ar sheilbh d'fhagháil ann. Bíonn dúil na n-ae(dheann) ag mnaoi thruim in aon rud go dtéigheann a súil ann: an dúil mhairbh: na haedheanna laistigh "ag éigheamh" ar an rud áirighthe sin. An chnagarnach agus an boladh a bhí ag an bhfeóil rósta san thiocfadh an dúil mhairbh agat innte: éileamh mór: fonn ná sásóchadh faic acht í. Ó chuaidh as dhúil an bhídh lomuigh sé a's níor fhan a dheilbh san éadach: ó neamhshuaimhneas aigne de cheal ruda éigin in easbhaidh. "Is gránda an sáthadh thug sé dho féin teacht isteach 'n-ár gcuideachtain gan chuireadh" – "cá ngeóbhadh dúil an óil": an ghuilm chun an tarta do shásamh. "Tóg uaim é! tá an ghráin mhairbh agam air gan ach féachaint air" – "a! anois blais é a's tiocfaidh dúil agat ann": fonn a chaithte. Dá bhfeicfeá an biadh breágh a bhídh sa tigh san thiocfadh dúil an anama agat ann: guilm: éileamh mór chun a chaithte. "Ghlac dúil me ann, a ghiúistís, gur thógas é, níor bh'aon ghadaidheacht í" (gháir gach aonne): níor dhiúltuigheas don éileamh. Is minic ná téigheann a dhúil leis .i. nuair sháisigheann sé mian an bhídh ná réidhtigheann sé leis. Thugadar an lá go léir ag dúil lé rud éigin do bhualadh leó, ach mo mhairg, b'í an dúil ar neamhnidh í, níor tháinig faic 'n-a dtreó: ag súil lé. Ná cuir dúil i mnaoi chách: nó samhluigh a sanntughadh. Ith an méid sin, níl puinn ann, ach b'fhéidir go mbainfeadh do dhúil as: go sásóchadh sé éigheamh an ghoile. Riamh, riamh bhí an dúil chráidhte ag Sasana leathanughadh fúithe i dtíorthaibh in imigcéin: mian dóighte: sásta ní bheadh choidhche gan san. Mairg don té a chuireas a dhúil roim n-a thuigsint: go ndallann an fonn diachrach é chun mío-ruda. Stadfad anois, táim dulta thar mo dhúil: tá breis agus an oiread agam a's shásuigh me. Buachaill is furaiste do chur ó dhúil é: nách deacair do chun suaimhnis i dtaobh bídh. Ó chuir an leanbh dúil sa bhréagán ná loc air é: fonn a bheith aige, ná congaibh uaidh é. Gan amhras tugann breis an tuarasdail dúil dóibh chun oibre: spriogadh. D'ith an dúil é: lán d'airc: craos. Is mór an cailín dúlach i bpeictiúiridhibh í: mhairfeadh sí ortha. Dúil nimhe agam dul ar do thuairisc ach chuaidh díom, bhíos "ar chnámh mo dhroma": an fonn ghom itheadh, ach bhíos im luighe breóidhte. As (ar) do dhúil anois é!: ith (ól) anois má dheinis riamh. Idir dhúil agus mhí-dhúil do, d'imthigh sé gan faic: "is áil liom é as ní háil liom" a bhí aige gur stadadh de thafant air, agus is annsan bhí an t-aithreachas dóighte air. Dúil i dtobac? d'ólfadh sé adharc bhulláin fiche uair ist ló dhe: dúil nimhe: doshásta. "A mhic an duine, féach, bheirim uait dúil do shúl le buille, gidheadh ní dhéanfair doilgheas, ní chaoinfir, ní mó rithfidh na deóra leat" (Eseic. XXIV. 16).

dúil: *b.2. 7 3.* créatúir: rud cruthnuighthe, bith: céadthús (céatús). I nDia atá ár mbeatha, ár luadhail a's ar mbith. Á, ná buail an t-asal bocht, balbh, dúil bheo seadh é ar nós an dúil dhaonna: rud go bhfuil beatha ann. Ag bruachaireacht de scéimh na faille thug sé fé ndeara an mharbhdhúil dhá shuaineáil in imeall an uisce: an rud (amhailt) mar bheadh duine nó ainmhidhe. Na cheithre dúla dréir na seanughdar: talamh, aer, uisce agus teine. Á, creid é, ná bí in amhras air, thug sé Dia agus dúla go raibh an fhírinne aige: thóg sé Dia "muir, grian, uisce agus talamh" gurbh fhíor é. A Dhia na nDúl, nách me atá dall ag an saoghal (ag athchairt cabhartha Dé): Dia a cheap an uile rud soifheicse agus doifheicse. Nách gránda, míochuibheasach an té é, is minic a bhím á cheapadh an dúil dhaonna é: duine dréir nádúra.

dúileamhail: *a.* taithneamhach, sobhlasta, deaghbhlasta. Nách dúileamhail an rud deoch fíoruisce lá beirbhthe samhraidh a's duine spallta leis an dtart, is é a théigheas síos go sóghail: taithneamhach, sásamhach, seascair don gcorp. An blúire mairtfheóla san go bhfuil an chuma dhúileamhail air gur mhian leat bheith ghá itheadh. Do phóg dhúileamhail: póg sármhilis.

duileasc: *f.1.* saghas plannda, inithte, cróndearg mara a fhásas chómh fada síos le lag trágha: saghas caonaigh. Duileasc talmhan sa talamh tirim. Duileasc na mbeann: caonach liath a fhásas ar charraigeachaibh fiadhaine, a cuirtear i ndath chun ná rithfeadh.

duileascar: *f.1.* caonach liath na gcarraigeach talmhan. Baintear áis as chun dathuighthe, agus is luachmhar chuige é ag lucht tuaithe.

dúilidheacht: *b.3.* mianach. Gheobhfar an léithisce(e) ag fás in aon talamh go mbíonn dúilidheacht an uisce ann: mianach an uisce: an t-uisce do bheith ann d'aindeóin diúgtha agus eile. Cloch go bhfuil dúilidheacht na teine innte .i. go n-éireochadh spréacha aiste lé tuargaint: beóchloch.

dúilighim: *b.a.* mianuighim, sanntuighim: tograim: iarraim lé fonn. Ná dúiligh bheith i bhfarradh na drochchuideachtan ar eagla tuiteam 'n-a ndrochnósaibh: ná bíodh fonn mór ort. Ná dúiligh bean do chómharsan: ná déin, ná samhluightear leat léi peaca drúise. Is mór mar dhúiligh sé an ball ná gur bh'fhearr leis an t-anam do chailleamhaint 'ná é do shéanadh: an t-éileamh doshásta do chur ann. "Ná hith-se arán na drochshúl agus ná dúiligh a shoghaltaisidhe mílse" (Seanráidhte XXIII. 6): ná bíodh fonn ort chúcha. Dhúiligheadar do theacht go mór mar budh dheacair dóibh déanamh gan tu: bhí mian díoghraiseach aca go dtiocfá. "Amhail dhúiligheas seirbhíseach go díoghraiseach an scáil agus mar bhíonn súil an fhir thuarastail lé n-a luach saothair" (Iób VII. 2). "Acht dúilighidh na subháilcidhe is fearr, agus foillseóchaidh me slighe dhíbh ré mbéarfaidh sibh barr" (1. Cor. XII. 31). Nuair dhúiligheann duine droichbhéas is ródheacair aige diúltughadh dho: nuair ghabhann an mian míochuibheasach é. Táir chómh leithleachais sin go ndúileófá an greim i mbéal an fhir thall: go dtiocfadh fonn guilmeach ort é do bheith agat uaidh.

dúiliughadh: *f.* (*-lighthe*) mianughadh: sanntughadh: togradh. Airighim go bhfuilir ag dúiliughadh an tobac airís, shaoileas go raibh sé caithte os do cheann agat: mian a ólta ag breith greama ort. Leigeann na cómhachta troda ortha ná fuilid ag dúiliughadh na síothchána ach 'n-a gcroidhe táid dóthanach de chómhrac agus b'fhearr leó an suaimhneas: ag iarraidh síothchána lé n-a lánchroidhe. Ná tuigtear duit gur ag dúiliughadh do chuideachtan atáim-se toisc me bheannughadh dhuit: ag tnúth go mór léi.

duille: *b.4.* billeóg, cios hata, an chuid ghlas sóthuitim de chrann nó de phlannda: "cluas". Hata gan duille air chuirfeadh ag gáiridhe thu: gan fora. Duillidhe mo shúl atuighthe ó bheith ag gol: an craiceann a fholuigheas an tsúil. Labharfaidh an chuach ar chrann gan duille (beidh an aimsir chómh dona san, tá so sa tarngaireacht). Tuitfidh sé a's feódhfaidh ar nós an duille: beidh sé chómh gearrshaoghalach san. Leagfad duille é!: tá sé go tréithlag. Glan a's scior duille an bhúird go maith sara gcuirtear an biadh ar an bhilleóg: an clár iomchair. Duillidhe fuinneóige: comhlacha: blúiridheacha tanaidhe adhmaid ar lúdrachaibh sodhúnta, so-oscailte.

duilleabhar: *f.1.* mórchuid duille nó billeóg. Áit scéirdeamhail gan chrann gan duilleabhar: gan aon tsaghas plannda go dtiocfad duille air. Cabhair Dé chughainn, tá gach aonnidh i nduilleabhar anois: na duilleóga go léir do bheith ortha.

duilleach: *a.* bheith fé dhuille nó déanamh an duille do bheith air: tanaidhe, leathan. Hata duilleach nách mór go bhfeicfeá a shrón fé: brobhais de hata mhór leathan. Plannda an-dhuilleach seadh sceach: mórchuid díobh. Hata leathan-dhuilleach. An tseamróg ceathair-dhuilleach .i. na gceithre gcluas.

duilleóg: *b.2.* billeóg crainn nó leabhair. Budh mhór é a dhúil sa "duilleóig", connus d'éirigh sé aiste: tobac. Cuir duilleóg sa tseanphíp sin dom, táim chómh dealbh uaidh indiugh lé croidhe do dheárnan: blúire beag den dtobac. Ó, a dhaoine, tá sé chómh tanaidhe le duilleóig eidhneáin: anlom. Shéidfeadh puth det anáil anois é, níl de thathag ann ach ar nós na duilleóige: chómh héadtrom, tanaidhe, gan toirt, gan reimheadas. Créatúirín gan deilbh duilleóige aige: seirgthe, caithte, lom.

duilleógach: *a.* lán de dhuilleógaibh. Beidh toradh maith sa ghort san tá sé duilleógach: tagtha go maith.

dúilmhear: (**dúlmhar**) *a.* mianmhar, guilmeach. Ar feadh dhá bhliadhan fén bhfarraige ag tóraidheacht míol mór ag brath ar fheóil ghuirt, is iad na máirnéalaigh a bhí go dúlmhar i bhfeóil úr ar theacht i gcaladhphort dóibh: mian áidhbhéil a hithte ortha. Táim chómh dúlmhar i dté a's bhíonn cat in iasc: miangas agus éileamh doshásta. Dá luighead agus dá óige anois iad ag éirghe suas táid chómh dúilmhear san i dtoitínidhibh "go raghaidís fén roth" chúcha: "fiadhain chúcha". Creid me leis go bhfuilim an-dhúilmhear ar dhul ar do thuairisc agus a luaithe do gheóbhad cao gurb áthas liom dul id dháil: fonn mo chroidhe orm. Níos dúlmhaire 'ná riamh san ól, ní fada ná go mbeidh sé ó thigh a's ó threabh aige: mian dochlaoidhte rithte 'n-a fhéitheannaibh ná féadfadh a sheachaint. Duine neamh-dhúilmhear seadh é: duine gur féidir leis bheith foidhneach lé linn gannchúise.

dúilmhireacht: (**dúlmhaireacht**) *b.3.* guilm, fonn nó mian láidir, éileamh dian. Deirtear go gcuireann fíon séire dúilmhireacht i mbiadh ag duine: breis ghoile. Cois na farraige tagann dúilmhireacht bídh orm ná tagann fén gcathair: corruigheann mo ghoile chun breise d'itheadh: tagann guilm orm .i. faobhar ithte. Dúilmhireacht nimhe ag leanbhaidhibh i milseán ní iarrfaidís de bhiadh ach iad: miangas mór. Cómhartha maith feabhasa ar an nduine breóidhte dúilmhireacht do bheith ag teacht air: "misneach" chun ithte. Aonach lag dob eadh é, ní raibh aon dúilmhireacht ar na ceannuightheóiridhibh. Cuirir dúilmhireacht orm bheith ag féachaint ort ag itheadh a's gan greim agam féin: miangas orm chun sásta an chorruighthe a thagas orm agat-sa.

duine: *f.4.* pearsa, caonaidhe, fear, dúil dhaonna. Tá sé 'n-a dhuine a's n-a Dhia in aonfheacht: an Slánuightheóir. Dhéanfá maith ar dhuine gur dhuine leat é: go dtaidhbhseófí gur bh'fhiú san é. Ag déanamh duine dubh dhíot féin i lár an pharóiste istigh ná tabharfá a shraith don sagart ar nós chách: duine corr: duine ná beadh ar aon dul leis na daoinibh eile tímcheall. Tabhair dhom do lámh, ná haithnighir na daoine?: an amhlaidh atáim imthighthe as do chuimhne nó an amhlaidh ná déanfá coidreamh liom. D'imthigheadar uaim duine ar dhuine gur fágadh uaigneach, bocht, dealbh me: duine anois agus duine airís ar aitreamhaibh. Scaoil isteach 'n-a nduine a's n-a nduine iad: aonne amháin sa turus. A dhuine an chroidhe istigh, is tú rinne an ceart gan lámh ná ladhar do bheith agat i rud nár bhain leat: go bhfuil cion agam ort. An duine croidhe istigh, is ait sin do dhéanfadh airgead do thabhairt do chearrbhach scléipeach!: an duine ná beadh loc air mar gheall ar a ghníomh. An duine in ao'chor thu a's bheith ag tromaidheacht ar do chomharsannaibh?: an bhfuil meas fir agat ort féin. "Ní hualach do dhuine a bhrat" (seanfhocal) .i. an té a bheireas a bhrat, (a chasóg mhór, cloca, etc.) ní bheidh in aithreachas. Dá mbudh duine ar nós éinne é, níor leathrud é do dhéanamh rud as an slighe uair má seach, ach óir nách eadh ach feilebhitheamhnach ná téigheann aon lag air ach ag fogha 'sag goid 'sag fuadach: duine gur bh'fhéidir é d'iontráil ar a leas am éigin. A dhuine mo chroidhe, tóg aghaidh do chaoraidheachta dhíomsa, níl dúil do chonbharsáide agam: a duine gur mian liom an rud atá agam istigh do nochtadh dhuit etc. Na daoine croidhe istigh, ní hiongadh iad dubhach a's a bhfuil caillte ortha: na daoine go mbeadh báidh aonne leó, etc. A thúisce a's thuit ceann an tighe isteach, bí duine má luath ag cur de: gach aonne gur bh'fhéidir leis é. Ní fheicfeá ar an sráid le holcas an tráthnóna ná raibh casóg díonuisce air ach duine má seach: fothdhuine. Céad duine ná déanfadh a lithéid de mhaith agus is oth liom a rádh gur duine má seach ná deinfeadh: fíorbheagán. "Daoine a chaitheann a gcuid go hait, daoine eile a chuireas cnuaisciún air" – "fé dhuine féin do bhíonn san": toil dhuine an nidh sin. Gan duine gan daon i ndeireadh a shaoghail: gan pearsa. Is ait é an duine a ngaibheann sé de dhuadh an tsaoghail a's gan aon chairt aige air ach ó indé go dtí indiugh: fear nó bean a chuireas luach sa tsaoghal duthain seo. Tháinig sé ar an mbainis 'n-a dhuine gan chuireadh gan iarraidh: ní raibh fáilte ag neach roimis. Lag-dhuine anois a eiteóchadh aonne ar earra mar gheall ar phingin: duine suarach. Dubhairt duine liom é, agus duine dob eadh é: pearsa go raibh fuaimeant leis. Duine leis féin é sin, ní cuirtear aon nath in aon rud dá ndearna: ar leithrigh: bun os cionn leis an gcoitchiantacht. Bhíodh sé ag gabháil tímcheall gan áird aige ar aonnidh ach greim d'fhagháil le n-itheadh a's áit le codladh, gach aonne go maith do, duine le Dia b'eadh é: duine saonta, neamhurchóideach. Duine maith an fear san, níor bh'fhada an mhoill air

comaoin do dhéanamh duit: clódh ann féin. Duine le haindeise seadh me anois gur cuireadh mo ghuala as ionad: caonaidhe mío-ádhmharach. Dá mbeadh na daoine leat b'fhusaide dhuit aghaidh do thabhairt ar do bhuaidhreamh: an choitchiantacht. "An raibh puinn ann?" – "duine!": neach in ao'chor.

duineamhail: *a.* fearamhail: daonna: nádúrdha. Tháinig atharrughadh mór air, níl sé daghaiceach mar bhí se, labhrann go séimh anois, níl in ao'chor grod, is duineamhla go mór é: i bhfad níos muinnteardha agus níos cineálta ná bhíodh sé. Dá labhradh sé go duineamhail liom agus gan cromadh ar me d'imdheargadh, bheinn níos séimhe leis: nádúrdha. Fear duineamhail seadh é: go bhfuil tréithe fir mhaith aige, tuigseanach, cóir.

duineamhlacht: *b.3.* fearamhlacht, feardhacht: nádúrdhacht. Dá mbeadh aon duineamhlacht ann ní gheóbhadh sé tharais an té a bhí treascartha, bascuighthe gan fóirithint air: motháilt an duine do bheith ann a dhealóchadh ón ainmhidhe. Tá an duineamhlacht ag gabháil lastuas de, níl aon áit go mbuailfeadh leat ná go mbeadh ag fiosrughadh go haonne a's gach aonnidh dhíot: nádúrdhacht. Is deacair buadhachtaint air lé duineamhlacht tá sé foidhneach, faidtheadhlach, macánta, mín: feardhacht: na tréithe a bhaineas le fear maith nádúrdha.

duineata: *a. n-dh.* daonna. An déanamh neamhdhuineata do fuair sé a's é 'n-a bhráighe, ocras, dianobair, doircheacht a's bualadh bhrisfeadh croidhe staile (capaill): déanamh ná beadh súil agat leis ó dhuine.

duineatacht: *b.3.* cineáltas, daonnacht. Aonne amháin ortha go raibh duineatacht ann, a labharfadh leat a's a thabharfadh rud le ganntar duit: daonnacht: é bheith de thréith ann ceannsacht agus cineáltas do thabhairt uaidh.

duirc: *b.2.* miodóg, grilleán, scian ghearr ar nós an chlaidhimh. Chuir sé duirc go fuirc ann!: an scian isteach 'n-a chorp go dtín gcois.

duirc: *b.2.* búiste, rústar, stuacaire. Shuidh sé i leathtaoibh 'n-a dhuirc gan focal do thabhairt d'aonne: 'n-a thost agus cuma chrosta ghoirgeach air. "Smiog níor chuir as i bhfaid an bhóthair, is cuma cá minic a labhras leis" – "léan ar an nduirc": duine míoshásta neamhchainnteach. Smístidhe duirc nár bheag ortha tu do sháthadh dá ndéantá aon spochaireacht ortha: daoine móra duairce, neamhmíne.

dúircheist: (**dúrcheist**) *b.2.* ceist dheacair, fadhb: anródh, iomard, tubaiste. Budh bhreágh léd croidhe bheith i gcómhchlos do ag réidhteach gach dúircheiste a théigheadh de dhaoinibh eile: ceisteanna nár bh'éascaidh le míniughadh. "Cad tá ort anois?" – "mo dhóthain de dhúircheist, bheith amuigh as an dtigh fé Shatharn nó cíos a's san níl agam": iomard.

dúire: *b.4.* moille: neamhéascaidheacht, ceanndáine, míomhotháltacht. Céad uair fógradh air éirghe agus lé n-a dhúire ní chorróchadh sé gur ghaibh an capall de chosaibh ann: leisce corruighthe. Lé n-a dhúire dá mbeitheá ghá mhúineadh go Lá an Luain ní fhéadfá faic do chur 'n-a cheann cipín: dallaigeantacht. Ní laige atá ag cur air in ao'chor ná

hiomcharóchadh sé an t-ualach ach dúire: ceal fonn. An diabhal féin ní rámhfadh an bád so lé n-a dúire: neamhshoghluaiseacht. An dúire atá im chnámhaibh indiugh: táid stangtha, neamhlíomhtha. Dúire éigin indiugh ionam ná fuil nidhthe léir dom: claoidhteacht incheann.

dúirneóg: (**dúrnóg**) *b.2.* cloch mhór chruinn gharbh: duine cruinn téagartha, láidir. Buachaillidhe ná fuil rómhór seadh iad, ach níl baoghal ná gur dúrnóga dochaithte iad: talamhaidhe, talamhar. Rug sé ar dhúrnóig agus rúid tríd an bhfuinneóig í: ailp chloiche.

dúirnín: *f.4.* "lámh" a bhíonn ar chrann speile chun greama d'fhagháil air.

dúiseacht: *b.3.* éirghe as chodladh, "smúit": faire: múscailt, mothalughadh. Cé nár briseadh an charraig leis an órd, baineadh dúiseacht aiste, chloisfeá fuaim uaithe míle ó bhaile gach buille: deineadh í do shuathadh: fuair sí tuargaint i ngach pioc di. Leig sé air bheith 'n-a chodladh 'sa dhá shúil dúnta ach bhí sé 'n-a stealla-dhúiseacht ag éisteacht lé n-a raibh ar siubhal. Cé gur bocht sprionnlaithe do bhailigh sé a chuid gan puinn de do leigeant ar neamhchrích, bainfidh an dream atá 'n-a dhiaidh dúiseacht as: "bainfid smúit as": beidh saoghal scléipeach aca ar an rud nár thuilleadar. D'éirigheas lé dúiseacht an éin: anmhoch. Sin braon maith beathuisce, bhainfeadh sé dúiseacht as na mairbh!: chuirfeadh sé anam ionta. Thugadar dhá lá a's dhá oidhche gan súil do chrapadh nár bh'fhada an dúiseacht í: gan sos do bheith ag corraighe na colna, feart na hinntleachta ná an chéadfadh. In ár ndúiseacht nó 'n-ár gcodladh bíonn rí an lae ag faire os ár gcionn. "Paidear do múineadh im leanbh dom féin ar dhúiseacht lé dúthracht ar ghairm na n-éan mo ghlúin deas do leigeant fúm a's bheith athchuirt chun Dé ar an Righ d'fhuilng sciúirse a's peanaid 'n-ár dtaobh". Buaileadh go hobann é agus phreib sé 'n-a dhúiseacht: d'éirigh as a chodladh go grod. Is iomdha dúiseacht bainte gen nGearmáin as Shasana ar an bhfarraige: tuargaint tugtha dhi nách fuláir di a thabhairt fé ndeara: go mothuigheann sí na stiallanna atá fachta aice. Baineann gunnaidhe móra dúiseacht as dhúntaibh: suathaid iad agus smiotaid.

dúisighim: *b.a.* ₇ *n-a.* músclaim: éirighim as mo chodladh, meabhruighim: tagaim i seilbh mo chéadfadh. Dhúisigheas girrfhiadh: chuireas as a chanachán é. "Dúisigh suas": múscail agus tabhair duit féin: féach rómhat féin. Dúiseóchair leis an mbuille é: suathfair: braithfidh sé go maith an tuargaint a gheóbhaidh. Déinid oiread gleóidh ar fuaid an tighe go ndúiseóchaidís marbh as uaigh. Dúiseóchair muair bheidh sé déidheannach agat: ní thiocfaidh do chiall duit go mbeidh do dhíoghbháil déanta. Dúisighidh más maith libh bheith in am: déinidh deifir.

dúiste: *f.4.* duine dúr, neamhchainnteach: codarmán, stuacaire, daoi. Dúiste gan chainnt gan bhéas gur dhóigh leat gurb amhlaidh a bhí an teanga gearrtha amach as. Dúistidhe a gheobhadh tharat sa bhóthar gan beannughadh dhuit stuacairidhe gan fonn muinnteardhais ná cómhluadar.

dul: *f.* (*-lta*) d'imtheacht, d'fhágaint: cuma, imtheacht, clódh, déanamh: cóir, cao, acfuinn, ócáid, dleachtacht, eagar. "Tabhair chúig phúint ar iasacht dom" – "níl aon dul air, níl agam": cao teacht air. "Deir sé go dtuillfidh sé céad púnt" – "tá dul mór aige air"

(searbhas): níl aon chao aige air. Bheadh dul éigin aige ar éirghe leis ach oibriughadh: is cosamhail go n-éireóchadh leis etc. A bhfuil de chulaitheannaibh éadaigh táir ar aon dul, cómh olc cómh maith iad mar ná tugann aon aire dhóibh: ar an aiste gcéadna. Ní hé an dul céadna atá ar Bhéarla agus ar Ghaedhilg: ní hionann an déanamh atá ortha. Budh thruagh a dhul chómh hóg: a bhás. Budh mhór an dul amach áthrach aoir: an cuimhneamh í do dhéanamh. Thaighdfeadh sé amach aon rud, budh mhór an dul amach do fios d'fhagháil fiche míle ó bhaile go raibh coileán con a theastuigh uaidh ann: fios eólais d'fhagháil. Áit anchonntabharthach ná fuil dul isteach ná amach rómhaith ann: scórnach, colbha, béal. Dá mbeadh aon dul amach agat ar aonne bheadh ag díol choirce innis dom é: dá mbeadh san ar eólas agat. Céad bliadhain ó shoin ní raibh dul amach ar bhád fé thuinn ná ar áthrach aoir: ní rabhadar ceapuighthe ná cúmtha. Aonne gur dóigh leis ná fuil Dia tá dul amugha air. Dul go holc ort! mar mhadra a árduigh mo chuid feóla uaim: mío-ádh dona ort. Dul go maith air mar is iomdha comaoin curtha ar a chómharsanaibh: éirghe leis ar feabhas go ndéinidh. Ná bíodh aon dul amugha ort go mbeinn-se ag foidhneamh léd chuid teallaireachta: ná bíodh aon mhearbhall aigne ort. Níl aon dul ag aonne ar dhul ar neamh a gheibheas bás ar stáid an pheaca mharbhthaigh. Níl aon dul ón mbás ag neach: aon éalódh. Bíodh leat den dul so ach má thagair os mo chómhair airís: den turas so cuirfead bliadhain phríosúin ort. Ní fada lé dul ar mhuirear mhór tuarasdal aonne amháin: ní cheannuigheann sé na gannaidhe a bhíos uatha. Ag dul in aois do ag dul in olcas i ndeireadh a shaoghail thiar anois, chómh haerach leis an té is óige aca. Is geairrid lé dul orm púnt sa tseachtmhain: níl mo dhóthain ann ná in aon ghiorracht do. Cá bhfuil do dhul anois?: do thriall. Is iongtach mar táir ag dul le t'athair: cosamhlacht t'athar ort: na tréithe céadna lé tabhairt fé ndeara. Tá an scéal críochnuighthe, níl a thuilleadh ag dul leis: níl aon bhreis. Cad tá ag dul ar an mbiadh so?: an táille. Is mór mar taoi ag dul as ní fheaca riamh chómh lom thu: ag dul i mboichte. Ní fuláir nó tá poll éigin sa lamhnán, tá sé ag dul as: an ghaoth (an t-aer) ag éalódh. Ag dul a bheidh: ag méadughadh. Táim dall amach ag an gceist so, tá ag dul díom í do réidhteach: is éigean dom a caitheamh suas. Tá an leanbh san ag dul ó smacht, gan tor ar athair ná ar mháthair aige: ag imtheacht gan riar. Is diail mar táir ag dul i mbeathuightheacht, táir ag dul as m'aithne: ar chéad amharc ort ní thugaim chun mo chuimhnte thu. Dá dhiacraighe iad cánacha a's íocanna tá dul as ag an té ná fuil muirear mór air farra sin: níl cúrsaidhe an tsaoghail chómh dian air. Tá do choir róthrom, cuirfidh an dlighe duaidhnéis ort 'n-a taobh, níl aon dul as agat: éalódh. Is beag maitheas d'aonne dul chun cinn in aonar leis an nGearmáin ar an dtalamh ach go háirighthe: dul in iomaidheacht. Budh mhór an clódhchas do Chonán Maol dul chun cocaidheachta le hOscar: dul i dtreis leis: ag féachaint a nirt leis. Is eagal liom go bhfuilir ag dul chun deireadh orm, nílim ag fagháil na cabhrach uait do bhínn: ag teip orm. Cé hiad so go bhfuil sé de cheanndáine ortha bheith ag dul chun tosaigh orainn? an dóigh leo gur fearr iad?: ag géarughadh orainn: ag buadhachtaint. "Cad leis go bhfuil an garsún so ag dul?" – "beidh sé ag dul le dochtúireacht": glacfaidh sin mar ghairm bheatha. "Nách fada ag dul lé n-a chéile an bheirt sin; nách iongtach ná pósaid?": ag gabháil le chéile: ag coidreamh cómhluadair a chéile. Aon fheabhas níl ag teacht (dul) ortha; táid ag dul le báinighe ar fad: báinighe bheith ag breith greama ortha. Níor dhul ó dhúthchas do bheith galánta: budh dhual do é: ag leanamhaint a dhúthchais. "An bhfuil an dá thigh mór lé chéile?" – "bíd ag dul 'sag teacht chun a chéile": ag tabhairt cuard. Ná bí ag dul rómhat féin ar do scéal: ag imtheacht gan an innsint leantach air. Croith suas tú féin, a dhuine, níl aon dul síos fós

ort: aon tréigean: aon olcas. Is mór an dul siar atá ar an iascaireacht ó theip margadh Mhearaice: olcas: meath. Mo chomhairle dhuit gan dul eatartha: gan bac leo nó gan dul 'n-a gcómhluadar. "Dhá chéad míle glas idir é féin ag dul ag triall uirthe (an bráighe)" (seanscéal): go dtí an áit ina raibh sí. "Cé air go bhfuil ag dul?": cé air go bhfuiltear ag buadhachtaint nó go bhfuil air íoc. Tá an deoch so ag dul orm-sa: is mise gurb éigean do (nó gur mian leis) díol. Mara gclutharuighir tú féin beidh an fuacht ag dul fút: ag scaipeadh. Ná raghadh duine éigin ag rinnce, sin ceól ag dul fé thalamh: ceol dhá sheimint a's gan aonne ag rinnce leis. Lé dul fé na gréine tagann an doircheacht. Níl aon rud ag dul ón gcat gcéadna, briseann sé áraistidhe, ólann sé an liaithe, fuaduigheann sé an fheóil: ag déanamh an uile rud as an slighe is féidir. "Ní hag dul uait atá sé", bagairt ar dhuine ná tiocfaidh saor ó dhuaidhnéis nó ó bhascadh, nó d'éirigh leat an turus so ach ní éireóchaidh airís b'fhéidir. Ní bhfuaireas aon dul ar é do dhéanamh, bhíos róbhroideamhail: cao.

dúlas: *f.1.* guilm, goile, fonn mór. "Seo, suidh eadrainn, ós annamh leat teacht, a's bíodh greim agat" – "ó mhaithim do anois, geallaim díbh ná fuil aon dúlas orm chun ithte": fonn. Níor fhág an dúlas riamh é, nách breágh go gcaithfeadh sé a raibh ann do thógaint: an ghuilm: an tsainnt leithleachais gan faic d'fhágaint ag neach eile. Nách í an chú san a itheas le dúlas: cíocras. D'íosfainn idir cheann a's chosaibh mart indiugh, tá an oiread san dúlais orm: guilm bídh: cíocras.

dúlasach: *a.* guilmeach, fonnmhar, dian, dásachtach. Dá bhfeictheá é sin ag itheadh go dúlasach budh dhóigh leat ná raibh a dhóthain bídh in Éirinn: go luath, láidir, goileamhail. Bí dúlasach chun oibre agus gheobhair rud lé déanamh i gcómhnaidhe: bíodh an fonn ort. Níor mhaith liom fearg do theacht air chugham mar is dúlasach an mianach atá ann: dian, fraochda: fíochmhar.

dúlsháth: *f.3.* (**dúlá**) dóthain, leórdhóthain, go leór ar fad. Ó, geallaim duit, gurb é a bhain, an cladhaire, a dhúlsháth as mo sheandhúid sar ar shín uaidh í, níor fhág sé an luath féin innte: gur shásaimh sé é féin ó thalamh di. Dá mhéid meas a bhí ag an ngaige air féin thug an duine gan tuairm a dhúlsháth dho: b'fhearr leis an ngaige ná tairriceóchadh air é, chuaidh sé chómh dian san air. Is amhlaidh mar tá an scéal ag Sasana a's an Fhrainnc ná beadh a ndúlsháth talmhan choidhche aca, tá an oiread san dúláis ortha: ní sháiseóchadh a dtiocfaidh a's a dtáinig iad. "Ní fearr biadh 'ná ciall", tá mo dhúlsháth agam ní thógfad a thuilleadh: oiread is leór dom.

dulta: *a.r.* imthighthe: is cóir dul. Tá siad dulta abhaile fadó: imthighthe nó an baile sroichte aca. Mo thuairm nách dulta dhuit ar an bhfarraige indiugh, tá sí róchonntabharthach: ní féidir leat nó ní cóir duit. Níl dulta chun cinn aige chómh maith agus bhí súil leis: níl sé tagtha ar aghaidh, etc. Tá dulta go maith dhuit-se ag an gcogadh, ach go háirighthe, féach an luach mór do gheibhir ar gach rud: buaidhte agat leis. An bhfuil do phósadh dulta leat: ar éirigh leat: an bhfuilir sásta. Tá an gal dulta lém anáil: tá sé ghom thachtadh. Is mór mar táir dulta as: éirighthe liom. Tá dulta ar Sheán Bhuidhe an turus so go dtí so: buaidhte. Go saorair sinn! tá sé dulta lé faill: tuitighthe. Tá dulta díom tu do thuigsint: teipighthe. An-dhrochaicíd a bhí air, níl sé dulta uaithe fós: curtha aige dhe. Las an solas, tá an ghrian dulta fé: imthighthe as radharc. Is oth liom go gcaithfead

stad, táim dulta fé, níl a thuilleadh cómhraic ionam: claoidhte: mo ré caithte. Táid dulta go beilt an chlaidhimh ar a chéile gan an buaidh ag aonne aca: a ndícheall déanta aca ar a chéile. Tá sibh-se ag gearán, féachaidh mise dulta gan faic: gan aon rud agam de bharr mo shaothair. D'fhóbair duit dul le haill (faill), táir dulta as go maith: "scarais leis go maith": bhí ádh leat éalódh. Tréis dulta 'on uaigh dom is suarach mo chuimhne ag aonne. Ní dulta ó pheaca d'aonne: tuitfidh gach neach ann, luath nó mall. Is baoghalach go mbeidh buillidhe eatartha, táid dulta chun feirge: an aiste sin sroichte aca. An bhfuilid dulta le chéile?: ar thosnuigheadar ar bhruighin?: ar chromadar ar iomarbháidh? Tá sé goirtighthe, tá sé dulta thar a riocht: chuir sé breis struis air féin ná raibh fulang aige air. Mara mbeadh iad bheith dulta thar cailc lé gadaidheacht a's boirbreacht ní ruaigfí as an mbaile iad: níor fhan aon teóra lé n-a n-olcas.

dúluighthe: *a.r.* díoghraiseach, dian, lé foirneart: ó chroidhe amach. Mo mhallacht go dúluighthe ar an gcéad lá d'ólas braon mearbhaill: go dúthrachtach: ó chroidhe amach. I ndeireadh a saoghail thiar chaitheadh sé an lá i dtigh an aifrinn ar chealg a dhá ghlún ag guidhe de go dúluighthe: go díoghraiseach: lé lánchroidhe. Bhuail sé le crústa treasna an leathchinn me go dúluighthe: lé n-a neart ar fad agus a lánthoil. Dubhluighe go dúluighthe ort-sa, a bhacaigh, a árdóchadh leis mo leanbh bán: guidhim-se díoghbháil throm duit go díoghraiseach. Oibrigheann sé go dúluighthe má oibrigheann aonne ar an saoghal: go dian, "coingheallach".

dúmas: *f.1.* leigeant (ar): tnúth. D'fhan sé istigh ó scoil indiugh ag dúmas go raibh tinneas 'n-a bholg, ach is air ná raibh: ag leigeant air. Bhuail sé an chonntabhairt chómh teann a's go raibh ar tí an siopa ar fad do cheannach a's ní raibh uaidh ach luach pingine; nár mhór an dúmas é?: chuir sé de chuma air féin rud ná raibh aon fhonn air do dhéanamh. Tháinig sé 'on oifig phuist mar dhúmas go raibh ag dul ag ceannach stampaidhe ach is amhlaidh a bhí fonn foghluighthe air: do chur chlóidh ná raibh dearbhtha air féin. Tagann isteach an uile bó ó dhaoirsigh an tobac ag dúmas le gal: ag tnúth: ag súil le.

dún: *f.1.* áit dhaingean, chosanta, go minic móta, sonnadh, a's fallaidhe 'n-a thímcheall: áit chómhnaidhthe: rinn thalmhan sa bhfarraige go mbeadh scrogall caol air agus gearradh doimhin thríd chun cosanta. Bead ag cur díom anois chun mo thighe a's mo dhúnbhaile: áit mhaith, sheascair, chómhnaidhthe. Sid é mo dhún-sa: m'áit mhaireachtana. Gurb é dún Dé do log cómhnaidhthe an lá déidheannach: Neamh. A Dhé, leig me id dhún: Neamh. "Marbhadh an dúna ort" (drochghuidhe) .i. go n-éirighidh dhuit mar éirigh do shaighdiúiridhibh Shasana ag Dún an Fhirtéaraigh. Ní tigh é seo ach dún: tigh mór, láidir, mórtach. Téidhimís ag aeridheacht amach ar an ndún: rinn thalmhan amach sa mhuir. "Ní hé marbhadh an dúna do bhris ná bhrúigh mo mhuineál riamh ná a ndeárnadh liom i gciumhais an Oileáin Thiar/ ach óigbhruinngheal mhúinte na gcocán ciar ná deaghas dá fiosrughadh ar dtúis ná im sheanóir liath" (Piaras Firtéar): a áit chómhnaidhthe.

dúnadh: *f.* (*-nta*) iadhamh: breith chun a chéile: rudaidhe scartha ó chéile do chuibhreach nó do bhualadh athchomair dá chéile: feistiughadh: fáscadh, dlúthughadh. Dóirse na bhflaitheas do dhúnadh orm do ghuidh sé dom go dúluighthe: gan me do leigeant tríotha

iad d'iadhamh na cómhlacha do chur athchomair dos na hursanaibh. Leabhar, doras, súile do dhúnadh. Ar thugais fé ndeara riamh ná stadann a bhéal ach ag oscailt 'sag dúnadh. Cathain chuirfir dúnadh ar do bhéal?: a éisteóchair. Sin é dúnadh do thugais ar an ndoras gur árduigh an ghaoth mhór léi an ceann den dtigh: an droichfheistiughadh. Páirc gan dúnadh ní hiongadh í ithte gen bparósite: gan cosaint cheart. An dúnadh atá ar na brógaibh sin ní dóigh liom go mbeid díonuisce dá chionn: an tslighe tugtar a mbéal dlúth lé chéile. Ní fheaca riamh é ach ag dúnadh a shúl ar na daoinibh as baile dho: gan suim do chur 'n-a lucht aitheantais. An bhfágfar an tigh fé dhúnadh?: gan é d'oscailt. Dúnadh gan oscailt ar a shúilibh (mallacht): go dtuitir dod chodladh a's nár dhúisighir. Ar dhúnadh mo shúl: a luaithe a's thuiteas dom chodladh. Dúnadh na hoidhche do chuir an teicheadh orainn cheal solais: teacht. Dréir na dlighe tá sé thar aimsir dúnta: an tráth go gcuirtear deireadh lé díoltachán. Ná bí d'iarraidh mo shúile-se do dhúnadh, ghá leigeant ort le daoinibh gur duine muinnteardha tú agus me creachta agat: d'iarraidh bob do bhualadh orm.

dúnaim: *b.a. 7 n-a.* iadhaim, dlúthuighim, druidim, beirim lé chéile, fáiscim, faistighim. "Ní bhfaghainn lámh iadhta ach dorn dúnta" (seanfhocal): domhaitheas in aghaidh domhaitheasa. Is me a dhúnfaidh a shúile dho: láithreach a bháis go ceanamhail. Dún do shúil air, ná hinnis d'aonne go bhfeacaís é: ná scéidh: bíodh béal ciúin agat. Sin é an fear galánta ná dúnfadh a shúil ar aonne ón áit lasmuigh: ná leigfeadh air ná feacaidh sé. Airéir pé rud a bhí orm níor dhún súil liom: níor luigh. D'fhanas im dhúiseacht. Ná dún orm, leig amach me: ná feistigh na dóirse im choinnibh. "Connus tá cúram Shéamais?" – "is fadó dhún sé": d'éirigh sé as chúram. Imthigh agus dún tú féin istigh id tigh (Eseicil III. 24). "Ní chruadhfair do chroidhe agus ní dhúnfair do lámh ar do dhearbhráthair bocht" (Deut. XV. 7). Dún do bhróga, do chasóg etc. Fiafruigheadh den mbacach cad é an déanamh do fuair sé i mbaile áirighthe, b'shid é an freagra: "dún an doras, múch an solas" (nuair chídhtí a lithéid ag teacht: gan mír, gan bheith istigh do thabhairt do). Dún!: bí id thost. "Nár dhúnaidh Dia doras na bhflaitheas orainn" (rádh). Dhún sé a dhorn liom: bhagair orm. Dhún sé na mílte púnt ar lucht ceannaidheachta: dhein dídhíolaidhe dhe. Dá mhéid meas agat ort féin léd chlisteacht ní dhúnfá mo shúile-se: ní fhéadfá an bob do bhualadh orm.

dúnárus: *f.1.* gabhann: áit lonnuighthe dhaingean, láidir. Na céadta fáilte rómhat im dhúnárus-sa: imthigh-se (lé scailéathan nó mórfhoclacht adeirtear so). Annsan thall do bhí dúnárus Phiarais: a chaisleán cosanta.

dúndalán: *f.1.* daoi, útamálaidhe: duine gan áird ag neach air. Dúndalán ní déarfadh gur fearr fear in aois an leathchéad 'ná a fiche: duine gan éifeacht. Ó baisteadh me do lithéid de dhúndalán tímcheall gnótha níor bhuail umam: útamálaidhe: duine a dheineas abláil ar gach rud. An dúndalán bocht tagann sé agus imthigheann gan suim ag aonne ann: duine gan áird.

dúnmharbhadh: *f.* (*-bhtha*) duine do chur chun báis lé mailís mhachtnaimh. Dúnmharbhadh ormsa má leigim duit barra méire do bhualadh orm!: droichíde go raibh orm.

dúnmharbhthach: *a.* cionntach i marbhadh toilteanach: fuilteach. Saighdiúiridhe dúnmharbhthacha dob eadh na Dubhchrónaigh, gan truagh gan scropal bhásuighidís daoine: dúlmhar i bhfuil an duine. Cheannuigh sé scian indé a scannróchadh tu: riamh níor leagas súil ar aon úirlis is dúnmharbhthaighe lé hamharc 'ná í: go bhfuil cuma uirthe ná beadh ann ach chun marbhtha.

dúnmharbhthóir: *f.4.* duine a bhásuigheas duine eile go toilteanach. Dúnmharbhthóir mná: bean a mharbhuigheas neach go toilteanach.

dúnphort: *f.1.* áit chosanta chun lonnuighthe: longphort: bailte chuain cosanta. Réabfam dúnphuirt go faobhar an uisce!: ní fhagfam cloch os chionn cloiche ionta. Dúnphort dob eadh an daingean tráth, ní headh anois: do bhíodh cosaint air.

dúnta: *a.r.* iadhta, druidte, dlúithte ar a chéile, feistighthe, fáiscighthe. Mo bhróga dúnta: iad fáiscighthe lé hiallachaibh. Mo chasóg dúnta: na cnaipidhe i ngreim na lúb. Mo shúile dúnta: na duilleóga anuas ortha. "Ní bhfaghann lámh iadhta ach dorn dúnta" (seanfhocal): an lámh neamhfhial dúntar an lámh eile mar fhreagra. Beidh gach aon áit dúnta orainn mara luathuighimíd: gach aon áit cúraim agus gnótha. Bhí dúnta orm agus ní fhéadfainn fágaint: gach áit chun fágtha nó colbha feistighthe im aghaidh. Cluasa dúnta is beag an mhaitheas bheith ag athchairt ortha: an té gur cuma leis mar gheall ar t'athchuinghe cá maith bheith ag lorg air. Dá dtógtha mo chómhairle bheadh béal dúnta agat: ní chaithfeá carbhall ar bith lé haon rud atá ar siubhal. An áit is oscailte bíonn dúnta don té ná bíonn faic aige: is mar a chéile dho é ní faic do gheóbhaidh. Má chonnaic féin, a mhicó, bhí a shúile dúnta aige orm: níor theastuigh uaidh aon nath do chur ionam.

dúr: *a.* righin, deacair, doghluaiste, ceanndáine, cruaidh, mall, neamhmuinnteardha. Táir chómh dúr lé seanasal: chómh deacair do chur ar siubhal. Má leanann an teine ar bheith chómh dúr is fada go bhfaghfar biadh dhi: righin lé lasadh nó deargadh. Leanbhaidhe dúra ná féadfadh Árastaiteal faic do chur 'n-a gceann: mall lé léigheann do ghlacadh. Dá mbeinn ag gabháil choidhche ar an gcarraig sin, ní fhéadfainn í do bhriseadh, nách í atá dúr: daingean, dochorruighthe lém iarrachtaidhibh. Chuirfeadh sé déistin 'n-a shuidhe 'n-a "dhúra dar", gan focal cainnte as le haonne: chómh righin dobhriste chun cainnte a's bheadh an crann daraighe ar a bhriseadh. Budh dhúr an croidhe bheadh ag aonne ná tiocfadh meidhréis air ar chlos aoibhnis an cheóil: marbh: neamhshubháilceach. Is dúr an diail duine é, dá labharfá fiche uair ist ló leis ní leigfeadh air go bhfeicfeadh: neamhmuinnteardha. Beidh croidhe dúr, daingean aige, mhuis, nó bainfead-sa sásamh as: deacair a chorruighe: righin. Dúr a dhóthain a bhí sé an t-airgead do thabhairt uaidh: anmhall: neamhéascaidh.

dúradán: *f.1.* duine mall, spaideamhail, liosta, spadánta. Dúradán diabhail ná faghfá faic as a lámhaibh go deireadh a shaoghail, a lithéid de ghréasaidhe níl sa Mhumhain: míothapaidh, righin, neamhanamamhail. Céad uair tá sé curtha in iúil go soiléir agam duit go bhfuilir mícheart ach dúradán chómh ceanndáine sin seadh thu ná geillfeá: t'inchinn chómh calcuighthe sin trí neamheólas nách aon mhaith bheith ag gabháil díot. Dúradán ar nós an asail seadh é gur cuma labhairt leis nó gan: duine gan soiléire tuigseana.

dúramán: *f.1.* daoi, breillice, ceann cipín. Dúramán ar scoil dob eadh me gach aon lá raimh ná cuireadh oide ná máighistir áird ná suim ionam: gan féith na foghluma ionam. Mo dhícheall déanta agam ort a's táir chómh dall anois agus bhís riamh, a dhúramáin: ná féadfadh múinteóireacht dul 'n-a luighe ort.

dúránta: *a. n-dh.* gruamdha, duairc, doirbh, neamhshubháilceach. Ná bí chómh dúránta liom a's ná freagrófá me, nó b'fhéidir ná labharfainn leat choidhche airís: neamhshubháilceach. "Muc ar gach malain" léi gan húm ná hám aiste an rud dúránta: an bhean ghruamdha, smailceach. Indiugh brathaim an-dhúránta im aigne - d'ólas an iomad airéir: meathbhreóidhte: gan fonn coidrimh ná grinn.

dúrántacht: *b.3.* gruamdhacht: neamhéascaidheacht, duairceas, neamhshubháilceas. Tá dúrántacht éigin ar ár mbuachaill indiugh (cleithmhagadh): gan é istigh leis féin a's tormas air. Ní maith liom in ao'chor aon rud do lorg ar an mnaoi sin, cuireann an dúrántacht faitchíos orm: dochaiseacht: neamhéascaidheacht: gan aon teacht aniar. Is cuma cá iarracht do thabharfá ar é do chur ag gáiridhe ní bhfaghfá uaidh ach an dúrántacht, dubh, gruamdha i gcómhnaidhe: duairceas, neamhshubháilceas.

dúrchluasach: *a.* ar aiste an clos do bheith deacair (ar): allaibhre dhúmais. Budh mhar an chéile dhuit bheith ag cainnt leis sin nó leis an gcloich ghlais maidir lé tor do thabhairt ort agus ní bodhaire atá air ach é do bheith dúrchluasach: ag leigeant air do bheith bodhar: gan fonn freagartha air. Labhair níos aoirde leis an seanmhnaoi tá sí dúrchluasach: bodhar go maith. Fiche uair adubhart an tslighe d'fhágaint uaim, is dúrchluasach an mac thu: gan fonn déanta ruda budh cheart.

dúrchroidhe: *f.4.* déine, neamhghéilleadh, bodhaire d'athchuinghe, ceal misnigh. An dúrchroidhe ná leigfeadh do oiread agus feóirling ruadh do thabhairt do naoidhe na déirce: an dúil ghráineamhail 'n-a chroidhe gan scaramhaint lé n-a chuid: sprionnlaitheacht croidhe. An dúrchroidhe tháinig leis gan léimeadh 'on uisce d'iarraidh me do shaoradh: ceal misnigh: budh mhian leis é ach ní bhfaghadh ó n-a chroidhe é. Ná bí ghom bhodhradh lé n-a laimhthighiseacht, níor thug sé faic riamh uaidh ach lé dúrchroidhe: i gcoinnibh a thola. Féach, a chara, a bhfuaireas níor bh'fhiú dho a lámh do shíneadh leis, nách é dúrchroidhe na féile: an fhéile ghann, sprionnlaithe. Bheadh dúrchroidhe agam lé haon rud a thógaint nár bhain liom: neamhfhonn. Lé dúrchroidhe adeir sé gur b'é mo chara é mar is maith is eól dom go bhfuil a mhalairt istigh aige dhom: ní lé dáiríre é. Aon nidh maith a dhéanfadh an duine carthanamhail sin ní chuirfeadh iongadh orm, mar is ann ná fuil an dúrchroidhe: cruadhas croidhe: neamhéascaidheacht chun maitheasa.

dúrchroidheach: *a.* cruadhchroidheach, neamhfhial, neamhfhéicheamhanta, mall fé mhaith, diúltuightheach, neamhmisneamhail, neamhghéilleamhail. D'athchuinigh sé go dúluighthe ortha gan an bráighe do mharbhadh, agus nár dhúrchroidheach iad gur thugadar an chluas bhodhar do: cruadhchroidheach: neamhghéilleamhail. Má phóg sí féin thu, chuirfinn geall gur go dúrchroidheach é mar nách mór é a cion ort: mall, neamhthoilteanach. Pingin bheag shuarach, budh dhúrchroidheach an déirc í: neamhfhial. Dúrchroidheach go maith d'oibrighidís dom a's me láithreach, díomhaoin ar fad a's me

as láthair: neamhfhéicheamhanta, i gcoinnibh a dtola. Chaitheadar leathbhliadhain fhada, dhíreach ag scríobh i dtaobh an deóntais, a's bhronnadar sa deireadh go dúrchroidheach é: go mór in aghaidh a dtola. Go dúrchroidheach do thugadar fé chéile, mar bhí an t-eagla aca roim a chéile: neamhmisneamhail, neamhfhonnmhar. "D'eitigheadar me" – "ní hiongadh liom, daoine dúrchroidheacha riamh iad": diúltuightheach: eitightheach.

dúrdha: *a. n-dh.* calcuighthe, cruaidh, dosmachtuighthe, doghéillte. Táimíd, Éireannaigh indiugh, chómh dúrdha in aghaidh Shasana agus bhíomair riamh, creach ná bogadh orainn ní atharróchaidh ár gcroidhe: dosmachtuighthe: gan fonn géillte dá géirleanamhain ná dá maitheasaidhibh. Nách dúrdha atá croidhe na beirte dreathár ná labharfaidís lé chéile: calcuighthe, cruaidh. Ainmhidhe dúrdha nár bh'fhéidir d'ionnramh (bhriseadh) fé iallait ná fé shrathair a's gur caitheadh scaoileadh leis: domhínighthe. Mara mbeadh croidhe dúrdha do bheith aige bhainfeadh duine éigin sásamh as: croidhe, righin, doghéillte. Ná bí chómh dúrdha liom: chómh dian orm: neamhghéilleamhail.

duth: *i ráidhtibh* "Cad dubhrais?" – "duth ná dath": faic in ao'chor. Imthighthe as a gciall táid anois "duth dath": ar fad, ar fad.

dúthaigh: *b.2.* tír, ceanntar, tuath, líomatáiste, talamh, daonradh ceanntair, anchuid. Chuireadar thórsa an dúthaigh airgid i rith an chogaidh, cuid eile a chaill an dúthaigh Éireann de: mórchuid, an t-aimeón. An dúthaigh céille atá aige a's a rádh connus d'fhan taimilt aige ar ar ghaibh sé trí bhuadhairt agus d'anródh: thabharfadh sé ciall don gceanntar. An té a thabharfadh ciall don ndúthaigh, dar leis, is minic leadhb ar silleadh leis: an té a bheadh do shíor ag moladh don uile dhuine cad budh cheart dóibh do dhéanamh etc. Beidh an dúthaigh daoine sa tsochraid úd, duine leanamhnach, caradamhail: na sluaighthe. Mo ghradhain thu, is maith is eól don ndúthaigh gur dúramán thu: dos gach aonne go bhfuil aithne aige ort. Gheibhtear an dúthaigh (mór, Éireann) san drom san siar: cuid mhór. Bheadh an dúthaigh rochtairidhe (costaiméiridhe) aige mara mbeadh é bheith chómh dúrdha sa tsiopa: rochtairidhe "lé hanaman na marbh". Cad is dúthaigh dhuit?: do thír dhúthchais. An ód dhúthaigh-se iad súd go rabhais ag cainnt leó?: ód cheanntar: ó thímcheall na háite gur b'as duit. Mharbhóchadh an obair seo an dúthaigh: rómhuirearach, ródhian. Sa dúthaigh sin ó thuaidh cuirtear biatas anois: sa "taobh" san: líomatáiste. Budh bhreágh leis fios a ndéineann sé do bheith ag an ndúthaigh: rud do dhéanamh gan scáth: lé tóirtéis. "Is buan é fear n-a dhúthaigh féin" (seanfhocal) .i. is fearr a réidhtigheann fonn agus aoráid a thíre féin leis. Tá an scéal ar fuaid na dúthaighe: ní haon rún é. Thuit an dúthaigh isteach air .i. tháinig oidhreacht mhór air nó saidhbhreas ar shlighe éigin eile. Ar mo dhúthaigh ní scarfainn leis an leabhar san: tá luach mór agam ann. Dá bhfaghainn dúthaigh na hÉireann saor air ní dhéanfainn é: pé rud a gheóbhainn. Fear dúthaighe a's fearainn dob eadh é tamall, anois lé fód de thalamh na hÉireann aige: fear acfuinneach fé dhílseacht (sealbhas) talmhan. Mo thuairm, a dhuine bhoicht, gur flaitheas nách dúthaigh duit Neamh!: nách é do dhán dul ar neamh. Tá an dúthaigh scriosta gen gcogadh: díoghbháil. Scriosfá an dúthaigh ar chártaidhe: bhuadhfá mar budh mhaith leat. Fear ód dhúthaigh ná tréig choidhche: duine a lonnuigheas in aice dhuit. Gach aonne ag moladh a dhúthaighe féin: cómhraiceann sé ar son a cheanntair. "Ní breághtha fé luighe na gréine aon dúthaighe ná Éire" (rádh).

Caithfead tamall siar i ndúthaigh m'athar: ar na ceanntaraibh in aice in ar rugadh é. Nách í seo dúthaigh na bhflaitheas lé háilneacht a's breághthacht: nách ró-aoibhinn í.

dúthchais: *a.* (*gein.* dúthchas) ceanntair, tíorthach, sinnsearach, dual, geinte (i), oidhreachtamhail. Éire mo thír dúthchais: innte do rugadh me. Baile na hAbhann mo theampall dúthchais: is ann is ceart me d'adhlacadh, mar is ann atá mo shinnsir adhlactha. An Ghaedhealaing mo theanga dúthchais: is í a thugas ón gcliabhán liom. Muinntir Dhún Chaoin mo phobal dúthchais: is 'n-a measc do chaitheas furmhór mo shaoghail agus is ann do bhí mo mhuinntir leis na ciantaibh. Cad é an leigheas atá aige air, tréith dhúthchais aige an t-ólachán: is dual do é: bhíodh na daoine a tháinig roimis ag ól. Is iomdha áit i Mearaice gur bhuail mac dúthchais liom: duine óm áit féin sa tír seo: Éireannach. Tréith dhúthchais as duine go bhfuil Dia: tagann sé leis ar an saoghal, ní gábhadh é do mhúineadh dho. Tréith dhúthchais don Éireannach bheith fial, misneamhail: geineadh ann iad. Béasa dúthchais a bhíonn ann ná scriosfadh múineadh ná oileamhaint, droichmhianach agus boirbreacht: thug sé ar an saoghal leis iad: beartha lé duine.

dúthchas: *f.1.* cáilidheacht geinte i nduine: nádúir: an rud is dual: an rud a thagas do dhuine ó n-a shinnsear: iomas: áit dhuine féin. "Briseann an dúthchas trí shúilibh an chait" (seanfhocal): deirtear so lé duine a ghníos rud díreach mar dheineadh a shinnsear roimis .i. is é iomas (nádúir) an chait luch do mharbhadh, mar an gcéadna sé an nádúir atá sa duine seo an rud atá déanta aige do dhéanamh. Is é dúthchas an chait luch do mharbhadh: ní gábhadh é do mhúineadh chuige. Is é dúthchas na bunóice cíoch a máthar do shíorradh: deineann san aiste féin. "Is treise dúthchas ná oileamhaint" (seanfhocal): ríog nádúrdha a threóruigheas chun an nidh is gábhadh chun buanuighthe an chaonaidhe nó na gné .i. is fearr an tréith a bhíos i nduine chun ruda do dhéanamh ná aon mhúineadh do gheóbhadh sé chun a dhéanta. Níl sé sa dúthchas ag an Éireannach do bheith 'n-a mheathtach: ní tréith í atá coitcheann ameasc Éireannach i rith na n-aos. Níor dhúthchas do bheith galánta: ní tháinig roimis (ar eólas) a bhí mar sin. Á, más alfraits é, níl sé ach ag imtheacht lé n-a dhúthchas, sin mar bhí a dtáinig roimis: ag buanughadh na dtréithe budh dhual do. Táir ag teacht abhaile ar do dhúthchas an lá iompuighir 'n-ár gcoinnibh: i ndeireadh na dála b'fhuraist aithint gur b'é sin do dhéanfá. Téigheann bó lé bó dhúthchais: tugann sí uaithe na tréithe a bhí 'n-a máthair. Ní dul ó dhúthchas di súil mhealltach do bheith aice .i. bhí a lithéid 'ge n-a máthair. Ní fada mhair sé, bhí an droch-dhúthchas ann: tréith an ghiorra-shaoghail. Lá breágh éigin, lé cóngamh Dé, tiocfaidh Éireannaigh abhaile ar a ndúthchas: beidh a dtír féin aca saor ó ghall-smacht. Tá dúthchas an óil ann: oidhreacht chlaontachta chun ólacháin. Budh dhúthchas do ceól a's lúth do bheith ann: bhíodar san i ndaoinibh a tháinig roimis. Dúthchas leis an bhfarraige atá ionat: fonn chun farraige ged ghaoltaibh rómhat. Budh cheart do dúthchas na féile bheith ann, ach ní théigheann sé léi: an dream a tháinig roimis bhíodar fial ach do scar an fhéile leis seo. Budh dhúthchas duit bheith id bhleaigeárd breágh slachtmhar: thugais ód shinnsear an tréith olc san. Rith dúthchas ban ann féin: fonn ban gan chiall nó fadaraidheanacht do chaitheamh leis. Is é dúthchas an dubháin alla breith ar an gcuil, ach is é an t-ocras do chuireann air í alpadh a's 'n-a chumas: an ríog nádúrdha. Chaithfeadh a dhúthchas le gadaidheacht é féin do theasbáint: an fonn nádúrdha: an t-iomas: a chlaontacht ó phréimh. Tá dúthchas maith ráis sa chapall san: de shíol maith ráis é. Ní dhéanfá drochrud mara mbeadh an drochdhúthchas do bheith ionat: bheith olc ó phréimh.

dúthchasach: *a.* ag baint lé dúthchas, lé tír dúthchais: oidhreachtamhail, geinte. Plannda nách dúthchasach d'Éirinn seadh an fúise: plannda thar lear é. Mianach éigin dúthchasach sa bhfeamanaigh go ndéintear íod de: mianach innte féin ó nádúir. Tréith dhúthchasach ann droichmhianach: tháinig ó dhúthchas chuige. Is dúthchasach dóibh bheith flaitheamhail: is amhlaidh do bhí a muinntir. Bheith leice, drochshláinteach is dúthchasach do: tháinig daoine roimis a bhí mar sin.

dúthchasach: *f.1.* cóimhthíorach: duine saoghaluighthe sa tír nó sa cheanntar chéadna. An Daingnideach thu? má seadh dúthchasach dom seadh thu: ón áit chéadna dhuit. An iomdha dúthchasach ó Éirinn annso?: cé méid duine a saoghaluigheadh ann annso?

dúthracht: *b.3.* dáiríre, dianasacht, dícheall, díoghras, díochracht, teasghrádh, lasadh: breis a tugtar le cáirdeas nó léidhe: cineáltas: ceannúireacht, deagh-mhéin: fonn mór: deaghthoil. Guidh lé dúthracht go dtagaidh siad siar mar táid i ngéibhinn: ó chroidhe amach. Thug sé dhom a raibh aige lé dúthracht: go héascaidh: gan aon liostacht croidhe. Cuireadh biadh chughainn lé dúthracht: fuaireamair é agus mórchuid de gan aon sprionnlaitheacht. Fuair gach aonne oiread a's ná raibh cúis ghearáin aca ach ní fuláir dom a rádh ná go bhfuaireas féin dúthracht: breis ar an gcuid eile: ceannúireacht. Nuair bheir ag roinnt an bhídh dein dúthracht don bhfear mbeag: cuimhnigh ar bhreis agus a chion do thabhairt do. I ndúthracht a fuair an duine an t-éadach ón siopadóir: in aisce. Lé dúthracht dá máthair d'fhan sí sa bhaile gan pósadh, ag tabhairt aire dhi: lé gean a croidhe dhi: le breis aireachais agus cúraim ná mar dligheadh uaithe. Sin fear nách gábhadh bheith ag faire air, a oibrigheas lé dúthracht: a luigheas go coingheallach, coinsiasach lé n-a chuid oibre. Lé dúthracht do Shasana ní fhágadh sé poll ná póirse gan cuardach an raibh aonne ann a bhí 'n-a choinnibh: lé fonn í d'fhóghnamh go dícheallach. "Is fada ó bhaile tháinig sí 'on tsochraid" – "cá ngeobhadh an dúthracht?": an nádúir dhaonna. An dúthracht do Dhia atá ann, go carthanamhail, maitheasach ar gach cuma is féidir leis: an dáiríre atá ag baint leis chun toil Dé do chóimhlíonadh i ndéirc agus i ndeaghoibreachaibh. Dá mbeadh aon dúthracht ann ní fhágfadh sé aonne ar an mbóthar gan síob do thabhairt do: cineáltas nádúrdha: fonn na maitheasa budh mhian leis do dhéanamh do féin. Dá n-oibrigheadh sé leath na dúthrachta ar a shon féin a's dhein ar son a thíre budh shaidhbhir an fear indiugh: an díoghrais chun a cur chun cinn: an dílseacht di agus na tráthanna fada dá saothar in aisce. Budh dhúthchas dúthracht ban do bheith ann: fonn chun a suirgheachta. Tréis bháis a céile bhíodh muinntir na háite go léir lán de dhúthracht di .i. bhídís go maith dhi maidir lé pé cabhair a theastuigheadh uaithe do thabhairt di. Sid é cuid Sheáin den ndúthracht: an méid atá bronnta aige nó tugtha uaidh gan bhuannacht air.

dúthrachtach: *a.* dícheallach, dáiríre, díoghraiseach, cineálta, ceannúireach, teasghrádhach. Is maith í do shlighe dhúthrachtach chun Dé, gan faillighe agat in aifreann, tú go maith dos na boicht a's go maitheasach ar gach cuma: dícheallach, teasghrádhach. Budh dhúthrachtach an buachaill dá mhuinntir é, níl aon bhliadhain ná go gcuireadh airgeadh thar lear chúcha: fonn mór a dhualgas mic do chóimhlíonadh. Guidhim go dúthrachtach go gcuiridh Dia ar bhur leas sibh, mar is mór a theastuigheann sé uaibh. Pé duine go mbeidh milleán air nó ná beidh ná bíodh ar Shéamas, mar níl neach

ar an bhfuirinn is dúthrachtaighe oibrigheann ’ná é: is mó go mbíonn a chroidhe léi agus a dheineas a dhícheall. Féach gur dúthrachtach táim duit go dtugaim a dhá oiread leis gach aonne eile dhuit: leagadh nó léidhe im chroidhe agam leat breis do thabhairt duit. Is neamh-dhúthrachtach an mac ná tugann cabhair ná cóngamh dá mháthair bhocht atá in easbhaidh: teipeann air trí dhroichbhreith éigin a dhualgas do chóimhlíonadh. Clann dhúthrachtach iad san: clann a ghníos obair, gnóth, críochnamhlacht agus an uile ghanntar gan tafant, go toilteanach gan neach ghá chur i bhfighis ortha: dícheallach.

E

é: *forainm pearsanta, f.1.* is cuma dhuit é, fear maith seadh é: is mar a chéile do thuairm ar an gcúrsa nó ar an nduine atá i dtreis etc. Buail i gceart é sin; sin é: anois atáir ag bualadh i gceart. Ar chríochnughadh ruda i gceart déarfadh duine a bheadh ag faire, "sin é" .i. tá san go maith nó tá an rud san réidh. "Ná bíodh "é" ná "í" agat ach dein é (abair é etc.) .i. ná bí i gcás idir dhá chomhairle. Ní hé a bhás a ghoill orm, ach é d'imtheacht mar d'imthigh. Ghaibh sé síos an tsráid, agus é ag amhrán: bhí sé ag amhrán. An é go bhfuil ocras ort?: an amhlaidh?: an mar sin atá? Is é a bhí dhá rádh aige go rabhais id bhitheamhnach: dubhairt sé sin dáiríribh. An mar sin é agat?: an amhlaidh atá an cúrsa agat? Cad é?: cad tá tuitighthe amach? labhair airís. Thairngeas lém bhata é – an gadhar. "Cad é?" – "cearc a's gé!" (freagra fonmhóideach ar dhuine a bhíos do shíor ag fiafraighe mar seo nuair budh cheart do a fhios a bheith aige cad deirtear leis). An é Tomás é? - sé go díreach, mhuis: gan aon amhras. "Sid é mo thigh" – "an é anois?": an fíor san? "Cad deirir?" – "é sin": an rud atá ráidhte agam agus gur cheart duit gan a dhearmhad. An t-é dob fhearr liom (feictear fé "té"): an duine, an caonaidhe.

é: *intriacht* "An bhfuil Seán annso?" – "is é ná fuil": bítear dearbhtha dhe. "An ólann an fear san?" – "is é a dheineann, ná fuil a chrot air?": bí lándeimhnightheach de. "A Shéamais?" – "é!": cad tá ort (uait etc.)? "Ar chualaís gur marbhuigheadh Séamas?" - "é ?!": cad san?

é: *in ionad "féidir"*. "An mbeir romham?" – "b'é go mbeinn": b'fhéidir – b'éi(dir).

Éabha: *b.4.* ár gcéad mháthair. "An raibh a lán daoine ann?" – "Síol Ádhaimh a's Éabha" (síol "Á" a's "É" an fhoghraidheacht): an dúthaigh Éireann daoine. Mheallfadh sí síol Éabha le n-a súil: aonne go silfeadh a súil air. "Agus do ghoir Ádhamh Éabha dá mhnaoi; de bhrigh gurbh í máthair an uile bheó í" (Genesis III. 20)

eabhair: *b.2. 7 3.* an mianach cnámhach a bhíos i stranaibh an troda, an chapaill abhann, an tuirc fhiadhain etc. "A thúir Eabhra", a theach órdha etc. (Liodáin na Maighdine).

eabhra: *b.4.* ag baint leis an gcinidh Ghiúdaigh. "An Teanga Eabhra" (Gníomhartha XXI. 40).

eabhrach: *f.1.* duine de shinnsear Ábrathaim. "Agus do thárla an t-am san, an uair d'fhás Maois go ndeachaidh sé amach mar a rabhadar a dhearbhráithre agus gur fhéach sé ar a n-ualaighibh agus do chonnaic Éigipteach ag bualadh Eabhraigh, aon dá dhearbhráithreachaibh" (Eacs. II. 11)

éabhuidheach: *a.* (*-dhthighe*) ceal teasbáintis as chomaoin nó maitheas: ar aiste nách fiú comaoin nó maitheas d'admháilt. Is iomdha leanbh tógtha ag mnaoi agus is é mo leanbh-sa an duine is éabhuidhthighe dhíobh, pingin ruadh ní bhfuaireas riamh uaidh: gan é ann a dhualgas dá mháthair ar an gcuid is lugha do chóimhlíonadh: gan aon chúiteamh do thabhairt in ar deineadh dó. Nár thoghtha, éabhuidheach an fear a cothuigheadh 'sa

clúduigheadh lé linn a ghanntair, is le linn a fhlúirse ná féachfadh siar ar an ndream go raibh fé chomaoin aca: neamhmaitheach, meath-chroidheach, sprionnlaithe.

each: *f.1.* capall: capall uaibhreach, uasal, folaidheachta. Each ráis, each riata ní déanfar choidhche de tá an fiadhantas 'n-a chodladh ann: each mínighthe, briste. Rángaidh sé d'each: ar dhruim capaill. D'imthigh sé 'n-a each gan srian, gan tor aige ar chómhairle aonne bheadh ar mhaithe leis: gan riaghail, gan órdughadh, gan chosc air féin. Mara gcuirir uait na h-eacha atá fút cuirfid iaróg ort: na feádhanna árda fiadhaine atá fút caoinfir é lá is sia siar ná an lá indiugh. "An t-each riabhach nár iarr riamh é do ghreadadh le spor/ a's go stiallfadh sí a srianta lé rathachaibh a cos" (Piaras Firtéar ag moladh a eachraidh tréis buadhachtana ar Churrach Chill Dara). Níl each ná capall aige ná an t-asal féin, an t-aindeiseóir: chómh bocht san ná fuil ainmhidhe ceathairchosach aige.

eachaidhe: *f.4.* fear capaill, marcach. Dá mbeadh Treabhantach mar eachaidhe uirthe ní bhuadhfadh sí: marcach iongtach. Na sluaighthe idir eachaidhthe a's coisidhthe sa tsochraid: daoine ar chapaillibh, etc.

eachaidheacht: *b.3.* ealadha marcaidheachta nó ionnraimh capaill. B'olc an eachaidheacht do na spuir do thabhairt di a's í chómh féicheamhanta: easbhaidh eólais a hionnraimh. Nár mhór an eachaidheacht dho dul i ndruim capaill in aon ló go Cill Áirne agus filleadh: an fulang marcaidheachta.

eachan: *f.1.* camaghaoth fhíochda, stoirm, cóchanna troma. Toisc aoirde na gcnoc tagann eachain chonntabharthacha ar an muir annso in aice na talmhan a thógann an sáile 'n-a fharraige cháithtigh: cóchanna nó siollaidhe fíochda, obanna. Rugadh in eachan ar an mbád agus casadh mórdtímcheall í ar nós rotha nár mhaitheas stiúir ná maide rámha: camfheóthan láidir.

eachlais: *b.2.* bean neamhchríochnamhail, neamhghasta, sruimile, straoille. Chómh luath agus chonnac an t-úrlár gan scuabadh agus an neamhchóir a bhí ar áruistidhibh ann d'aithnigheas gur bh'eachlais mná a bhí sa tigh: straoilleóg: bean gur chuma léi i dtaobh slachta. Ag gabháil trí chúlshráideannaibh na cathrach dom agus ar bhfeicsint eachlaisidhe ban, a bhfolt gan cíoradh, a n-aghaidh gan nighe, leanbhaidhe ar a gcíoch aca i mbéal dóirse ní mór ná go mbainídis deóir óm shúil lé n-a n-aindeise: mná gur chuma leó i dtaobh glanachair nó gastachta. Eachlais fhir ná dúnfadh a bhróga, ná bearrfadh nó ná nighfeadh é féin ó cheann ceann na bliadhna: "angladh" fir: camarantar.

eachlasc: *b.2.* "fuip", léas capaill. Ní misdide an t-each mall an t-eachlasc: gan í ní féidir mórán deabhaidh do bhaint as. Budh rómhaith a theastóchadh eachlasc uait chun tu do smachtughadh: tú do bhúrdáil ó thalamh.

eachmairt: *b.2.* fonn, dúil, mian, miangus lárach chun staile. Tá an láir fé eachmairt: tá adhall cumaisce uirthe. Deineadh an láir d'eachmadh: fuair sí an stail. Tháinig an láir fé aith-eachmairt: níor choimeád sí an stail. D'imthigh sí ó eachmairt: scar dúil cumaisce léi. [Chreideadh na seandaoine ach láir do thabhairt chun na staile le linn don mhuir do bheith

ag trághadh nó ’n-a tráigh gur searrach fireann do bheadh aice agus lé linn di bheith ag líonadh nó ag tuileadh gur searrach lárach do bheadh aice].

eacrach: *a.* áiseamhail, caothamhail. Is eacrach an ball i dtigh, chun teachtaireacht thapaidh nó luathughadh lé géibheann, rothar: áiseamhail. Ná cuir na leabhartha san rófhada ó láimh, buail thart in áit éigin eacraigh iad: caothamhail: cómhgarach.

eachrach: *a.* líonmhar fí eachaibh. B’eachrach an fear é “Píobaire na Gruaige”, d’fhear bhocht, bhíodh sa déagaibh de chapaillibh aige ar a chuairdibh: go leór díobh aige. Áit eachrach seadh Currach Chill Dara: bíd dhá ionnramh ann chun ráis etc.

eachraidh: *b.2.* mórchuid each nó capall. Dhearbhóchadh sé dhuit go bhfeacaidh sé an eachraidh sidhe oidhche bhreágh ghealaighe amuigh ar an muir: fir ón saoghal eile ar chapaillibh bhreághtha dhraoidheachta. “Cá bhfuil do thriall, a Thomáis?” – “chun sléibhe leis an eachraidh” (ní raibh gen bhfear croidhe ach dhá asal!).

eachraidhe: *iol.* treallamh (capaill) i gcóir treabhtha, trucaileachta etc., ar an gcuma go n-abarthar, “adhlainnidhe iascaigh” deirtear “eachraidhe treabhtha”, .i. gach gléas a bhaineas leis an ngnóth ’n-ár gcionn. Áirneach altóra: cailís, etc. etc. etc.

eachrais: *b.2.* conair, slighe, bealach, (logainm go minic). Eachrais do Chúpar a’s dá chonairt a deineadh annsan do go taobh an chnuic nuair bheadh sé ag dul ag fiadhach: slighe nó casán. Dhein a chuid stuic eachrais trím bhlúirín coirce: “bóthar” tríd.

eacht: *b.3.* dlighe, coingheall, agó. Tréis bheith ag suathadh an nidh a bhí ag déanamh meargó dá n-aigne a’s nár bh’fhios dóibh connus scarfaidís ó dhíomas an fhir eile rinneadar eacht dul agus é do mharbhadh: connradh: margadh ceangalach. An lá úd siar, siar im chuimhne rinne triúr againn eacht an scoil d’fhuathughadh agus dul ag iascach ’n-a ionad san: margadh fé rún go lántoilteanach. “Raghad-sa ann”, “raghad-sa”, “agus raghad-sa leis”, “bíodh sé n-a eacht” ars an ceathramha duine .i. ’n-a dlighe ná fuil aon dul ’n-a cois.

éacht: *f.3.* eacht, gníomh mór, calma; iongtas, pudhair mhór, tubaist: mórchuid: uathbhás: arrachtas, gaisce iongtach: gníomh fuilteach. Bhailigheas an t-éacht airgid, tímcheall a’s fiche míle púnt: aimeón: mórchuid. Ní raibh an t-éacht san daoine ar fad ann, tímcheall ar leathchéad: líon mór daoine. Nuair bhíos céille agam agus phósas alfraits fir a thréig me: cuid mhór céille. Beirid ar an éacht éisc annso sa bhfóghmhar, bíonn lán na mbád aca: an-chuid ar fad. Thuit sé lé faill, i mbláth a óige, ag triall ar chlár raice, gan aonne ge n-a mhuinntir ach é, nár mhór an t-éacht é: an phudhair: an dochar dochuimsighthe. Bhítheas ag faire air riamh agus choidhche – gan chúis gan adhbhar – gur lámhachadh ón dtaobh thiar de chlaidhe é, a lithéid d’éacht níor deineadh lé fada: gníomh gráineamhail. Féachaidh air! Fairidh é! an gaige ag treascairt leanbhaidhe beaga, nách é an t-éacht é!: an t-iongtas rómhór. “Tá an dúthaigh cleas agam” – “tá, éacht”: níl má tá ceann nó dhó. “Rinne sé breis a’s nár dhein aonne ar t’aitheantas-sa” – “rinne sé éacht!” (leamhas): a lán: ní fiú faic a ndeárna sé. Níor bh’aon éacht é – molaidís mar is áil leo é – do thrí loingeas cogaidh an ruaig do chur ar aon cheann amháin: gníomh calma. B’éacht é, ná

himtheóchaidh as chuimhne na ndaoine, dul isteach trí chorp na lasrach, ag tárrtháil an leinbh a bhí i mbaoghal a losctha 'n-a beathaidh: cródhacht: misneach gan teórainn. Éacht dómhsa seadh mo chapall do chailleamhaint orm, mar ná fuil cumas agam ar a mhalairt do cheannach: dochar mór. Bheadh truagh agat don eachlais bhocht, ar meisce, gach aon scread nimhe aice a's aosánaigh na sráide ag faoidhrigh fúithe, éacht dob eadh í gan amhras: uathbhás: scannradh agus déistin. Ná déin éacht díom toisc culaith nuadh éadaigh do bheith orm, an é an chéad uair riamh é?: ná bíodh aon iongtas ort im thaobh. Seadh, is fada ó chonaiceamair a chéile, aithris dom t'éachta, an mhéid farraigidhe atá curtha dhíot agat, na hainmhidhthe fiadhaine atá coscartha agat: gníomhartha gaisce, gaile. "Daoine nách maith liom seadh iad" – "tá éacht déanta aca ort-sa go mbeadh gráin agat ortha": díoghbháil mhór. Chaith sé an t-éacht leis an dtigh sin do thógaint: d'éist an tigh mórán airgid. "Ó, Mhuire, Mhuire, tá mo ghuala briste agat!" – "tá éacht ort" (leamhas): tá a lán ort (mío-stá): táir ag gearán gan chúis. Téighimís ar éacht lé chéile: tástálaimís a chéile: féachaimís ár neart. "Budh mhór an t-ádh a bhí leis a's na cosa bhreith leis ón scríb úd" - "d'éacht do dhein sé é": lé cródhacht cheart. Ó, a dhuine, is mór an fear chun éachta é: bheith ag maoidheamh as ghníomharthaibh ná deárna sé. Lé héachta nirt d'iomchair sé an claidheamh mór i gcath: méid agus dochlaoidheacht. A raispín, fág mo radharc, is tú an scraiste gan éacht ná seasóchadh an ball: gan gníomh: gan misneach. Rinneas gan aon éacht é, geallaim nách gábhadh bheith ghom mholadh: gan aon duadh saothair. Ag trácht ar aon rud tábhachtach nó a bhíos i mbéal na ndaoine a's go mbíonn lé rud deirtear – "táir in aice éachta" .i. is geairrid anois go dtárlóchaidh rud iongtach. Cuir éacht eile leis agus b'fhéidir ná beifeá i bhfad ón gceart: a thuilleadh agus a thuilleadh. Léigheann sé éacht, an iongadh go bhfuil eólas aige?: mórchuid leabhar agus páipéar. Is mór an t-éacht ná raibh Séamas annso in am a's an maoidheamh go léir a bhí air ná beadh neach roimis: is ait an scéal é.

éachtach: *a.* iongtach, léidmheach, arrachtach, sármhaith, mórtach, mórdha, árdréimeach, aoibhinn: uathbhásach. Ó mhaidean indiugh "níor luigh t'earball ort", nách éachtach ná féadfá do shuaimhneas do cheapadh uair éigin, tamall éigin: nách ait é: cad is bun leis? Nach éachtach an rud teacht agus imtheacht na taoide?: iongtach: dothuigse. B'éachtaighe an léim do chaith sé 'ná neach eile ar chródh na hiomarbháidhe; chuaidh sé trí troighthe thar aonne: budh mhó a chuirfeadh iongadh ar dhuine: gaisce cheart dob eadh í. B'éachtach an cath do chuir an "Graf Spí" i gcionnibh trí loingeas – cómhrac cheithre huaire dhéag a chluig: arrachtach: mórtach: sármhaith. Dá bhfeictheá gléasta í, budh dhóigh lé duine gur phéacóg í, agus mo léir dhóighte, b'éachtach ar fad an réim a bhí fúithe: budh mhór go léir: níor ghábhadh a leath. B'éachtach an siubhal a dhein Tomás Hillird dul go Corcaigh ón nDaingean ag triall ar mhórnán agus filleadh an lá céadna: go ró-áluinn. Na súile éachtacha a bhí ag an ainmhidhe (farraige) úd, chuirfidís ar baillchrith lé scannradh thu: uathbhásach: sceimhlightheach: uamhanach. Is éachtach go léir an meas atá fút ó tá airgead agat: oiread agus nár ghábhadh dhuit: táir díreach mar bheadh fáslach. Áit éachtach é seo: go hiongtach. Áit éachtach chun Gaedhealainge seadh sean-Dhún Chaoin: í bheith ann go flúirseach agus dhá labhairt. Oibridhe éachtach ar son na hÉireann dob eadh an Piarsach: dhein sé gníomhartha marthanacha ar a son. Ar an ndúil atá ag daoinibh i dtobac, ar a bhfuil ghá chaitheamh agus a gcaithid de, ní fuláir nó is éachtach an luibh é: draoidheachtamhail: gur deacair teacht anuas air. Bheadh lá éachtach againn sa chathair ó tá ár ndóthain airgid againn, chídhfimís na radharcanna,

raghaimís chun amharclann agus dhéanfaimís sinn féin d'aoibhneas ar pé cuma go mbeadh ár mian air: lá thar laetheantaibh: lá go mbeadh cuimhne aoibhinn againn air. Dar liom-sa ná fuil aon diabhal maitheas ann, innis dom cad ar gurb éachtach é: cad ar gur maith é nó gur fiú trácht air.

éachtaidhe: *f.4.* duine a ghníos éachta (de ghnáth is le leamhas do baintear áis as). Nách tú an t-éachtaidhe agam chun bheith ag éisteacht léd bheartaibh gaisce: nách diail ar fad an fear tusa dréir do bhéil. Éachtaidhe mór catha i gCiarraighe thiar dob eadh Piaras Firtéar: rinne sé bearta gaisce in aghaidh a namhad. Éachtaidhthe dob eadh Eóghan Ruadh Ó Néill, Alasdar Mór, Neapóileán agus a lithéididhe – saighdiúiridhe.

éachtaighe: *b.4.* iongtaisighe, uathbhásaighe. Aon lá amháin ní bheifeá 'n-a chuideachtain nuair bhreithneófá éachtaighe an fhir lé foghluim agus eólas. Ar a éachtaighe oibrigh sé b'iongadh liom nár éirigh leis beart níos tairbhighe do ghnóthughadh: nuair chuimhneóchadh duine ar a fheabhas. Éachtaighe eagna ár gCruthnuightheóra téigheann dínn a thuigsint: ádhbhal méid a eagna. Téigheann sé dhem thuigsint connus chuir sé chun rud chómh doidhéanta do dhéanamh a's éachtaighe a eólais: sárfheabhas a eólais. "Dá éachtaighe iad na Gearmánaigh", ars an fear, "ar muir agus ar tír is cosamhail go mbuadhfar ortha toisc a bhfuil 'n-a gcoinnibh": dá fheabhas amach 'samach iad i gcúrsaidhibh cogaidh. Lé n-a éachtaighe, dar leis, a dhein sé é sin, ní headh in ao'chor, ach le fearaidheacht shuarach: a dheárscnacht, a fheabhas thar barr d'fhear. As a éachtaighe chun ráis do chuireas geall as: tuigeadh dom ná raibh aon ainmhidhe i gcosamhlacht ná i ngaor do. Lé n-a n-éachtaighe chun droichghníomh, do chuir Sasana na Dubhchrónaigh go hÉirinn: a n-uathbhásaighe. Le héachtaighe na bpiléar a bhí dhá rúide linn ní fhéadfadh aonne a cheann do chur os chionn talmhan: fíochmhaire agus dásacht. Scannruigh éachtaighe cortha Ráilí i gCorca Dhuibhne na daoine an oiread san go bhfuil cuimhne fós air: uathbhásaighe.

eachtainn: *b.2.* maith, comaoin, maise. Rinne sé eachtainn orm ná dearmhadfad do faid bheith deoir im shúil, nuair thóg na báillidhe mo bha le cíos, chuaidh agus d'fhuascail iad: comaoin: bail: gníomh maith, tráthamhail. Seadh, ní fada bheidh cuimhne a eachtainnidhe siúd! .i. sprionnlóir dob eadh é.

éachtaint: *b.2.* tagairt dhoiléir, rádh nó áireamh lag, fárdal, leid, gaoth an fhocail, "cogar i gcluais", samhlughadh. Bhinn i bhfolach i ngleann diamhair ón namhaid agus oidhche amháin fuaireas éachtaint go mbeifí chugham, gur chuireas díom agus mar bheadh "an nimh ar an aithne" cuarduigheadh an gleann: focal ó "phríochán dubh éigin". Cuir do chuid airgid ar "airgead síos", fuaireas éachtaint go mbuadhfadh sé: beagán d'eólas thairbheach. D'fhéadfainn éachtaint do thabhairt duit cé bheidh 'n-a uachtarán againn: eólas atá agam ná fuil ag puinn. "Lean ded láimh mar tá agat ghá dhéanamh agat" – "an amhlaidh atáthar sásta liom?" – "siúd éachtaint duit": cogar: focal a threóróchadh thu.

éachtamhail: *a.* mórghníomharthach, iongtach. B'éachtamhail an obair do Ó Súilleabháin Bhéara máirseáil mar dhein ó thuaidh go Breifne d'aindeóin a dhuaidh agus a iomaird: gníomh gaisce. Ar shaighdiúiridhibh éachtamhla an domhain d'ainmigh

Neapóilean Eoghan Ruadh ameasc na coda dob fhearr aca: na saighdiúiridhe budh dheárscnaighe gníomhartha gaile.

éachtas: *f.1.* gníomhartha gaile, gníomh gaisce. Fuair sé moladh ón uachtarán as an éachtas a rinne sé seisear do shaoradh ó bháthadh lá fiadhain, garbh, fuar, i gcorp an gheimhridh: as an ngníomh calma. "Ná coisceadh aonne me", ars an fear ná raibh fonn ar faic do dhéanamh, "mar tá fonn éachtais orm": fotharaga chun gníomhartha móra do dhéanamh. An díorma beag fear a chosain Droichead Átha Luain in aghaidh a namhad agus an bhreis áidhbhéil a bhí n-a gcoinnibh, bhí éachtas n-a gcnámhaibh: crodhacht is calmacht.

éachtmhar: *a.* iongtach, mór lé rádh. Daoine éachtmhara nár leig neach follamh ó n-a dtigh riamh ná nár fhág ocras ná tart ar an té a bhí 'n-a nganntar: iongtach. Garsún éachtmhar a chuaidh chun cinn i léigheann gan cóngamh airgid ná oide: mórincheannach. Fir éachtmhara b'eadh gach duine den gclainn, duine 'n-a shagart, duine 'n-a dhochtúir, duine aca 'n-a chaptaen luinge etc.: mór le rádh.

eachtra: *b.4.* stair, scéal fada ag trácht ar rud iontsuime: cuaird: toisc. Eachtra bhreágh seadh "Madra na nOcht gCos": cur síos gur bhreágh lé duine éisteacht. Agus sinn 'n-ár leanbhaidhíbh chaithimís na hoidhcheannta cois teine fé dhraoidheacht agus an seanduine ag innsint na n-eachtraidhthe a bhí cloiste ós na seandaoinibh. Bhí eachtra aige ar fhear a chaill sparán airgid ag teacht ó Chorcaigh tréis ime do dhíol, agus a fuair san áit chéadna é, gan choinne, bliadhain 'n-a dhiaidh san agus an féar fásta tímcheall air: scéal. Agus a rádh ná fuil aon chunntas aige Tadhg air, éirigh as, mar is é fear is mó eachtraidhthe annso: an fear is mó scéalta, cunntaisidhe, ráflaidhe, búrdúin, etc. An bhfuil aon eachtra agat dom? Cad é t'eachtra dhom?: aon scéal nuadh: aon rud dob fhiú áireamh. "Eachtra na Mná Móire thar lear" trácht ar connus mar ráinig sí san tír seo agus a himtheachta 'n-a dhiaidh san: tárlachtaint nó teagmhas neamhchoitcheann. Pé cúram a cuirfear orm déanfad é ar aon eachtra, is cuma liom cad thiocfaidh treasna orm: pé guais nó baoghal atá ag baint leis. Is mór go léir an eachtra a bhfuil de scéaltaibh a's d'amhránaibh bailighthe isteach 'n-a cheann: iongadh mór é. Nár chloisimíd choidhche uait ach eachtra chóir: scéala maith id thaobh nó ód bhéal.

eachtránaidhe: *f.4.* duine a bhíos do shíor corrathónach ag taisteal sag dul i nguaisbheartaibh. Eachtránaidhe diabhail seadh Dómhnall, chaith sé tamall i Mearaice le scraistidhe, ó stát go stát, tamall eile ar bhórd luinge ó chaladhphort go caladhphort ar fuaid an domhain a's nár stadaidh Dia leis go ndeaghaidh sé in arm Shasana: fánaidhe meardhána, ceannuaiscneach. Eachtránaidhe ceart dob eadh Eóghan Ruadh Ó Súilleabháin agus Donnchadh Ruadh Mac Con Mara leis. Cad as gur ghluais an t-eachtránaidhe chughainn anois: fánaidhe gan tigh, gan treabh.

eachtrannach: *f.1.* duine thar lear: iasachtaidhe. "Ní heachtrannach aonne 'n-a dhúthaigh féin": budh cheart go bhfaghadh sé an déanamh a bhíos tuillte aige. "Faid agus beidh oiread is aon eachtrannach amháin ar fhód ghlas na hÉireann ghá chéasadh ní staonfad mo lámh": namhaid dom dhúthaigh. An doicheall, an neamhshuim agus an neamhthuis do chuireadar ionam dheineadar eachtrannach díom gidh gurbh iad mo dhaoine féin iad:

thugadar an déanamh díreach dom a thabharfaidís do namhaid: budh dhóigh lé haonne gur dhuine deóranta ’n-a measc me.

eachtrannach: *a.* iasachta, gallda, allmhúrdha, coigcríoch. Prátaidhe eachtrannacha a bhí curtha annsan agam, is dóigh liom gur ó Albain an síol: deóranta, coigcríoch. Earraidhe eachtrannacha ar fad a díoltar sa tsiopa san, oiread a’s lasán a deineadh in Éirinn ní bhfaghfá ann: déantúsaidhe ó thír thar lear. Is eachtrannach liom mar labhrair, ó osclais do bhéal níor airigheas tú ach ag moladh tíortha thar lear: gallda: ná baineann lé hÉirinn. Teanga chrochta go raibh tuine uirthe, ná tuigfeadh an diabhal buidhe féin, teanga eachtrannach éigin: teanga a bhaineas lé tír éigin nach Éire. Imthighthe dhó féin go dúthaighe eachtrannacha, is dócha, ní feacthas annso leis na ciantaibh é: in imigcéin.

eachtruighe: *f.* (*-ruighthe*) d’aithris scéalta (i dtaobh): ag líthbhéal (ar): ag búrdúnaidheacht: ag “cóiriughadh” (ar): innsint. Níor dhóigh leat-sa gur rógaire an sagart, ach is eadh, thug sé an lá ag eachtruighe ort, connus mar fhreagrais an t-easpog ag dul fé láimh easpuig duit a’s na céadta rud eile a chuir ag gáiridhe sinn: ag trácht ort chun seóidh. Thugadh sean-“Tiudhaidhe” an lá, tréis aifrinn, ag eachtruighe ar Mhearaice a’s ar ar ghaibh sé tríd san iomchoghadh ann: ag aithris a imtheachta ann. Dá me thu ní bheinn ag déanamh cinn díom féin i gcúrsa ná baineann leat agus cao eachtruighthe do thabhairt dos na daoinibh ort: cao a thabhairt dóibh ar bheith ag tromaidheacht: ghá rádh “súd a’s so”, nár bh’aon phioc ded chúram é etc. Ní beag é a chion ort, ní bhíonn sos ar a theangain ach ag eachtruighe ort: ag cainnt ort go ceanamhail agus ar do ghníomharthaibh. “Connus chaitheadh sibh an aimsir gan faic lé déanamh agaibh ná aon chaitheamh aimsire” – “ag eachtruighe dá chéile”: ag innsint mionscéalta ar nidhthe thárlaidh dhóibh agus mar sin. “Bítear ag eachtruighe ort”: ag cainnt ’sag táinseamh ort. Is aoibhinn bheith ag éisteacht leis ag eachtruighe: ag innsint scéil nó ag cur síos ar aon rud. Má bhír ag eachtruighe orm-sa brisfead do phus: ag tromaidheacht orm: aon tagairt do tháinseamh.

eachtruighim: *b.a. 7 n-a.* innsim nó aithrisim. D’eachtruigh an máighistir dúinn indiugh connus mar throid Sáirséal i Luimneach .i. d’innis sé dhúinn go beacht. Ar theacht do dhúinn i dtigh nó ar bhualadh dho le duine etc., a’s ná feacthas é le tamall roimhe sin deirtear i gcómhnaidhe, “eachtruigh (dom, dúinn)” .i. abair rud éigin umat féin ó thárluighis cheana orainn. Ars an breitheamh leis an bhfíné, “eachtruigh tríd síos gach aon rud mar is cuimhin leat”: innis iad as tóin a chéile. Dá bhfaghainn Éire saor ní eachtróchainn ar an bhfear gcéadna .i. tá an oiread san ceana agam air ná déarfainn faic a bhascfadh é, nó an méid atá agam ar eólas ’n-a thaobh tá sé róghráineamhail le tagairt do. Is mise d’eachtróchadh ar an bhfear san duit: is mise an té atá deas ar scéaltaibh d’innsint air sin, ná beadh róthaithneamhach. Cé hé, is dóigh leat, a Shéamais, is fearr sa dúthaigh seo d’eachtróchadh anois?: an té is mó eólas ar an seanaimsir. Go n-eachtruightear sonas ort: pé cunntas a gheibhtear id thaobh gur ar fheabhas é. “Is éachtmhar an saighdiúir é” – “ní fhéadfá eachtruighe air”: ní fhéadfá leath a thréithe d’aithris. In oileáinín mara i gcuideachtain na n-éan d’eachtróchainn féin mo rún duit: d’innseóchainn go mall agus go fad-bhriathrach méid mo ghrádha dhuit.

eadh: *forainm neódrach.* “Dá mbeadh a fhios agat-sa cad dhéanfainn-se leat-sa” – “an eadh anois?”: á! dar leat, ach sin a bhféadfá: b’fhada buidhe ó n-a dhéanamh thu. “An fear maith é, Seán?” – “seadh san”: bí lándeimhnightheach de. “Ní tháinig aonne treasna ar Thadhg nár ghaibh sé air, a rádh ná geobhadh sé ar a thuilleadh” – “má seadh, níor bhuail sé le n-ár Séamas-na fós”: a lamháilt sin: ar an méid atá ráidhte do bheith fíor níl Séamas ar lár fós aige. Bhíodh sé ag maoidheamh ’sag maoidheamh ach má seadh ag cleithmhagadh bhíodh sé: dá aindeóin sin a’s uile. Dar liom gur míol mór é sin, b’fhéidir eile nách eadh ach Cráin Dhubh: d’fhéadfadh a bheith gur Cráin Dhubh í chómh maith. Ní leigfeadh ’on Daingean ambáireach thu ach mara b’eadh leigfead go Tráighlí lá éigin eile thu: ach in a ionad san etc. “Connacthas bád fé thuinn indé laistigh des na hoileáin” – “nárb eadh”: éist! ní feacthas: ná creid aonne air. Táim dall ar cad dhéanfaidh an duine nuair fhiafruigheas de san is amhlaidh a bhí “seadh” a’s “ní headh” aige: i gcás idir dhá chomhairle nó ní leigfeadh sé a aigne liom. “Seadh, seadh”, ars an té a chonnaic nó a chualaidh rud a thaithnigh leis. Dá mbeinn ag cainnt leis go gcuireadh Dia fios orm ní déarfadh sé “seadh” ná “ní headh”: tor ar bith ní thabharfadh orm. Ná bíodh “seadh” ná “ní headh” agat ach tair nó fan: tair ar chómhairle éigin gan mhoill. Nuair bhíos deich mbliadhna d’aois seadh fuair m’athair bás: sin é an tráth. Mí ó shoin seadh thárlaidh sé, a’s ní coighcíos .i. cinnteacht an teagmhais. Ní headh, nár bh’é an fear dob fhearr den mbeirt é, ach níor ghnaoi leis troid: ní hamhlaidh. Ní headh ná raibh an t-airgead agam, ach ná tabharfainn lé rádh dho a thabhairt dho nuair adubhairt go gcaithfinn: bhí sé agam ceart go leór ach toisc a bhagartha ní thabharfainn. Seadh, b’fhearr liom-sa stad ach ó tá fonn imtheachta oraibh bead libh: an rud dob fhearr liom etc. “Dá óige an duine seadh is fearr é”: “dá bhreághtha an lá seadh is mó thaithnuigheann liom”: sin é uair etc. “An amhlaidh go bhfuilir breóidhte ar an ndrochchuma atá ort?” – “ní headh, ní headh, in ao’chor”: níl a lithéid i gceist. Ní headh go bhfuilir ag obair?: an amhlaidh ataoi ag obair (lé hiongadh an chainnt seo).

eadh: *f.* suim, aire, áird, tábhacht. Níorbh aon eadh leis siúd duine do shádhadh ar “fisteó feáisceó”: ar neamhnidh dhéanfadh sé gan chuimhneamh ar iardaighe nó toradh a bhirte. “An aon eadh leat me do thógaint do rothar ar feadh an lae” – “seadh agus eadh mór”: rud leat: an mbacfá leis? Leig thart an bleaigeárd, ná cuir aon eadh ’n-a chuid achmhusán: ná tóg aon cheann de: ná cuir tábhacht ann. Pioc eadh ní dhéanfainn de labhairt míchéadfadhach leat dá mbeadh cúis aige ort: ní chuirfinn tábhacht ar bith ann: ní thógfainn air é. An dtabharfá-sa sprionnlóir ar an té nár (n)-eadh leis céad púnt do thabhairt dos na boicht ná cuimhneóchadh go raibh aon rud neamhghnáthach dhá dhéanamh aige. “Shiubhalóchainn leathchéad míle in aon ló” – “níorbh aon eadh agat é!” (leamhas): féach air sin, ní nach iongadh san fear chómh han-tréan leatsa chun siubhail. Chuireas ana-(n)-eadh san óráid do thug sé uaidh tímcheall talamhaidheachta: thógas árdcheann de: na nidhthe adubhairt sé thaithnigheadar liom go mór. Tamall budh mhór ges na daoinibh é, anois ní cuirtear aon eadh ann, ní chloisfeá oiread a’s a ainm dhá luadh: ní tugtar urraim ná meas do. “Thabharfadh sé an léine dhá dhrom duit lé flaitheamhlacht an duine” – “cad é an eadh aige é, fear go bhfuil gach aonnidh ar a thoil aige”: níor bh’fhiú biorán aige agus é.

éad: *f.3.* amhras i ngrádh: baoghal diabhalta a bheith díthshealbhuighthe as ghean dhuine eile agus a bheith it ionad: amhras trom maidir le comórtas ar nidhthibh tairbhe nó geana:

ag dréim lé: meón neamhiontaoibheach. “Níl aon éad is measa ná éad na marbh” (seanfhocal) .i. an t-éad bheadh ag máthair do mhnaoi óig a phósfadh an fear a bhí tráth pósta ge n-a hinghin féin. An t-éad budh bhun lé n-a scaramhaint: an t-amhras go raibh duine éigin ag teacht idir é agus naoidhe a ghrádha. Ní bheinn in éad leis dá me thu: an rud atá ag déanamh mearbhaill duit ní fiú trácht air. Cuireann sé tocht éada ar Mháirín go bhfuil leithleachas ge n-a máthair le Cáitín nuair chídheann sí an cheannúireacht go léir a gheibheann sise agus an neamhthuis gheibheann sí féin: ríog ghartightheach toisc gur dóigh léi gur cheart di féin an cion agus an cúram céadna d’fhagháil. Tá éad orm leis, toisc gur éirigh leis agus gur theip orm féin: baineann sé smaointe neamhcheanamhla ionam dó. Táim in éad lem mhnaoi: tá amhras agam go bhfuil éileamh aice ar fhear eile agus músclann san ríoga neamhthaithneamhacha ionam. “Mar sin adubhairt an t-aingeal de chómhrádh liomsa, “éighse ag rádh, is mar seo adeir tighearna na slógh – atáim-se éadmhar fá Iurúsailm agus ar son Shíon maille lé héad mór” (Seacharia I. 14). Pé rud a ghníos duine aca ghní an duine eile tá an oiread san éada eatartha: bíd ag dréim lé chéile. Níor mhaith liom puinn bainte do bheith agam leis mar tá éad ann: lán de mheón an amhrais. An bheirt ógánach ag éad le chéile fé ghrádh an chailín: amhrastamhail ar a chéile is míothaithneamh ’n-a gcroidhe. Fear, bean etc. éada. Tá éad orm lem mnaoi go bhfuil sí páirteach le fear eile: formad orm leis an té go bhfuil gustal aige agus gan faic agam féin: amhras agam ort gur tu a ghoid mo chuid.

éadach: *f.1.* balcaisidhe cuirp, culaith, culaithirt, bréid; aon rud fighte chun culaithe nó aon tsaghas clúdaigh, clúdach (búird etc.); brat. “Is é an duine an t-éadach” (seanfhocal) .i. gan clúdach maith, taithneamhach ball ní mór é meas chách ar dhuine is cuma cá maith é. Mo chuid éadaigh .i. an clúdach mar atá casóg, ionar, triubhas etc. Éadach cláir: clúdach nó brat búird. Éadach leapthan mar atá bairlínidhe, súsaidhe, pluideanna etc. Budh mhaith an ball éadaigh an chasóg so tá sí agam lé chúig bhliadhna: mír amháin den méid a théigheas chun culaithe. Cheannuigheas culaith nuadh éadaigh: na baill go léir a théigheas chun “barra” do dhéanamh. An t-aindeiseóir, tá sé imthighthe as an éadach, cad tá tagtha air?: lom, bocht, seirgthe. “Connus táir?” – “ag coimeád an éadaigh eatartha”: ag tarrac liom eatartha: gan beann agam ar aonne. Nuair chonnac an drochchlódh a bhí air tréis a shaoghail do chaitheamh go holc sé dubhart – “tá éadach do ghnótha ort” (seanfhocal) .i. foillsigheann do chulaith connus chaithis do shaoghal. “Connus bhí sé gabhtha nuair chonnaicís go deireannach é?” – “bhí éadach a ghnótha air”: gléasta dréir mar d’oir dá ghairm bheatha. “Fág éadach láimhe annsan: i gcóir lámh do thriomughadh. An bhfuil aon scartadh ar na héadaighibh: mórán ball éadaigh. Gléasfad tú in éadach chanta, síoda is sróill: éadach iongtach. Tairng an t-éadach ar an bhfuinneóg: an brat. Níl an t-éadach féin anois orm: fíorbhocht. Níl a dheilbh san éadach: seirgthe, lom, caithte, dearóil. Cé hé leat a éag, chídhim in éadaighibh bróin thu: bréid dhubh: éadach dubh i gcómhartha éagcaointe.

éadáil: (**eadáil**) *b.3.* breis, tairbhe; creach; bail; fagháltas; áirnéis, eallach, stoc. Dar leis gur mór ar fad an éadáil do dul go Tráighlí ag triall ar earraidhibh a gheóbhadh sé sa Daingean chómh saor díreach: an bhreis do: go bhfaghadh sé níos saoire iad. Beannuighim uaim an cómhluadar san, ní ró-mhaith an éadáil iad chun cóstála leo: droichtheangmhálaidhthe iad. “Féach ar fágadh agat tréis na ranna – trí cinn de leabharthaibh, an seanbhórd so, an lomachulaith seo etc.” – “níl aon bhaoghal ná go

bhfuil an éadáil go maith agam": an saidhbhreas mór! an fagháltas iongtach. Deich triuich, féach, ní thabharfainn ar aon bhuin aige, a lithéid d'éadáil níor bhlais an féar riamh: d'áirnéis: de bhólacht. Ar nochtadh gnáthóige na bhfoghlaidhthe fuaireas an dúthaigh Éireann éadála innte, airgead éadaighe luachmhara, áraistidhe airgid agus mar sin de: earraidhe goidighthe. Dul agus lámh do chur i gcuid aonne ní héadáil liom-sa san do dhéanamh: ní mian liom é: dar liom nách aon rud lé maoidheamh as é sin. Á, a ghrádh ghil má bhí sé fichid míle púnt 'n-a udhacht nár mhór an éadáil í do bhailiughadh i mbaile beag an Daingin?: an cnuasach trom saidhbhris.

éadaingean: *a.* conntabharthach, lagchosantach. Go saorair sinn! dá bhfeictheá an áit éadaingean 'n-a raibh sé ar thaobh na haille d'iarraidh a ghreama do chongbháil ar nós an chait: conntabharthach: gan fuaimeant baill fé chois ná láimh leis. Is éadaingean liom do dhóirse le linn scríbe, gan ortha ach seanlaiste meirgeach agus iad féin leathlobhtha lé haois: dóirse gan fuaimeant: ná fuil teann. Fé léighe teine na namhad b'éadaingean an áit do thoghadar ar chliathán sléibhe: gan aon chosaint. Cá hiongadh gur chaillis do chuid airgid a's na pócaidhe éadaingeana atá ort, stracuighthe, stollta: gan fáscadh ná feistiughadh: briollach. Cá bhfuil an claidhe ná an fál ná an falla, is éadaingean é do gharrdha: "béal anáirde": leachta.

éadaingne(acht): *b.4.* $_{7}$ *3.* neamhchosantacht, guasacht, éislinneacht: gan fál. D'aistrigh sé an bád as an áit le n-a éadaingne sa gheimhreadh, mar thagadh an fharraige mhór aníos ann: ceal cinnteacht a shábhálta ann. Ní bhfaghaim faic ar cáirde lé héadaingne m'fhocail, fuairtheas amach ná cóimhlíonaim mo gheallamhaint díolta: ceal seasamhachta. Gach aon ainmhidhe fáin a ghaibheas an treó, isteach leis ar thalamh na héadaingne: an talamh gan chosaint. Ní sheasóchadh éadaingne an fhalla barrachta (suimint) tuargaint agus suathadh réasach na mara: laige: ceal nirt.

éadaire: *f.4.* duine go mbíonn éad air. "A éadaire bhig, shuaraigh", ars an "capall mná le n-a truaghán fir", má chloisim focal eile uait ghom chur-sa i dtreis le fear ar bith, fágfad thu truagh, tréan!: feairín a bhí in amhras ná raibh a bhean dílis do: go raibh sí ag déanamh cocóilín de! Bí deimhnightheach gur ag tagairt d'éadaire a bhí Piaras Firtéar nuair adubhairt, - "dá mbeiththeá a's í taobh ré taobh/ do sméidfeadh go claon a dearc/ dá mbeiththeá os chómhair a dhá súl/ do bhagarfadh mar siúd a glac!": duine nách féidir an t-amhras go mbítear do shíor ag faire ar a chuid do shealbhughadh air.

éadálach: *a.* saidhbhir, acfuinneach, strusamhail, tairbheach. Dhá shiopa mhóra i dTráighlí aige, muileann meilte sa Daingean a's feirm mhór in Uibh Ráthach, duine éadálach dob eadh é: ionmhasach: saidhbhreas agus strus air. Is neamhéadálach an tslighe bheatha a thairng sé air féin bheith ag cur geall ar chapaillibh: neamhthairbheach: gan puinn cao aige ar shaidhbhreas do dhéanamh as. Ní raibh aon rud do thairng ceannuightheóiridhe an Daingin ortha b'éadálaighe 'ná ceannuightheóireacht éisc nuair bhí luach mór i Mearaice air: budh mhó a chuaidh chun a dtairbhe.

éadamhail: *a.* meónamhrastamhail fé iomchar chách bheith ag teacht idir dhuine agus naoidhe a cheana: formadamhail. Faid agus bheidh an duine 'n-a dhuine is éadamhail an rud airgead do bheith ge n-a chómharsain agus é féin dhá cheal: rud a bhaineas

míothaithneamh, olc nách mór san aigne. Is éadamhail an rud bean bhreágh ag fear eile: baineann sé cráidhteacht croidhe nó gráin i gcroidhe dhuine d'fheabhas, de shonas nó de shéan an fhir thall. Ná bí éadamhail lé neach, ní suaimhneas aigne an t-éad: is fearr dhuit gan formad do bheith agat lé maith aonne.

éadan: *f.1.* aghaidh, ucht, an tosach: clódhchas, míonáire, ceanndáine, an chuid den aghaidh os chionn na súl go folt. Táimíd in éadan na seachtmhaine, indiugh Dé Luain: i dtosach. D'óladh sé an freap (buidéal an dochtúra) in éadan gach uaire: gach uair a chluig gan teip. Thángadar in éadan a chéile i mbun na sráide móire tréis an lae do chaitheamh ag lorg a chéile: thugadar aghaidh ar a chéile chun troda. Cuir in éadan a chéile iad san go baileach: cóirigh go gasta iad. Soitheach gan éadan a bhí ar snámh; cheap gach aonne go raibh sé slán: gan ceann. Is furaiste capall do leagadh, is 'n-a chlár-éadan atá a bhascadh: i gcorplár na leirge idir a shúile agus a dhá chluais. Thug an girrfhiadh amach fé éadan an chnuic: feóra an chnuic: ag déanamh amach ar mhullach an chnuic. Scannróchadh éadan na bhfaillteach thú lé n-a ngéire, a n-aoirde a's a ngearbacht: an taobh a bhíos leat. "Tabhair t'éadan anois do" deirtear lé duine mar shaghas dubhshláin. "Tabhair t'éadan don uain": tosach an bháid do dhíriughadh innte chun ná tógfadh sí uisce. Nách ort atá an t-éadan dána agus teacht ag iarraidh aon ruda ar dhuine gur thugais tarcuisne dho: míonáire: dánaidheacht mhíomhúinte. Má tá sé d'éadan ort teacht im ghiorracht tréis a bhfuil ráidhte d'éitheach agat orm ní dhearmhadfair é an dá lá dhéag agus faid do mhairfir: de mhisneach drochmhúinte. Cuir éadan ar an gcloich sin, ní thaidhbhseóchadh sí rómhaith mar sin san bhfalla: "aghaidh": slacht saoirseachta. Lé héadan a bhfuil ráidhte agat níor mhaith liom teacht treasna ort: i gcoinne. Dá fheabhas deabhadh do dheineamair do choimeádadar ar ár n-éadan: romhainn amach: gan teacht suas leó. Ar éadan na talmhan agus is mó duine ann ní bhfaghfí "aonne is toghtha" ná tu: ar aghaidh: ar fuaid na cruinne uile. Ná teasbáin t'éadach ann airís má tá cion ar t'anam agat: t'aghaidh: ná tar i láthair. Féach an t-éadan reatha atá air: an chuma ghruamdha, mhíochuibheasach, neamhshubháilceach. Éadan maith cruaidh talmhan is deacair lé rómhar: cnuga: árdán. Buaileadh i gclár, in éadan me .i. i gclár an éadain. Tá sé gan aon éadan tréis na bruighne: loiteadh agus athchumadh a éadan gur 'dir éigean d'aithneófá go raibh a lithéid ann. Lucht éadain: daoine dána drochmhúinte.

éadána: *a. n-d.* támáilte, scáthmhar, eaglach, mall, aireach. Faic in ao'chor ní raibh caillte aige lé bheith éadána an oidhche úd, ná leigfeadh eagla dho dul ar an bhfarraige, mar iad so a chuaidh budh thinn dóibh: scáinteach, scáthmhar. Garsún éadána ar scoil dob eadh é ní bhíodh lámh ná ladhar aige i gcluichidhibh ná i ngleódh na coda eile: seachantach, cúthail, iargcúlta. B'éadána é mo chroidhe nuair shín an Rí a lámh chugham, d'fhóbair go dtuitfinn as mo sheasamh: lágbhrigheach: scáthmhar. Éanlaithe éadána seadh géadhanna fiadhaine, is deacair teacht i ngiorracht urchair gunna dhóibh: braithteach: eaglach: seachantach. Ó, druid aníos 'n-ár measc, ní gábhadh dhuit bheith chómh héadána, ní bhascfaidh aonne annso thu: cúlbhánta. An girrfhiadh éadána. Gearrchaile éadána a luisnigheas gan adhbhar: támáilte.

éadántacht: (**éadánaidheacht**) *b.3.* támáilteacht, cúlbhántacht, scáthmhaireacht, meathtacht. Ná tuigtear leat go bhfuil aon éadántacht ag baint liom-sa má dhiúltuighim cómhrac leat: aon cheal mhisnigh: meathtacht. Ní hamhlaidh ná fuil sé cliste, oilte a

dhóthain ná faghann beart do féin, ach in agallamh bíonn éadántacht ag baint leis gur dóigh le daoinibh gur ceal eolais a bhíos air: cúthaileacht: támáilteacht. Croith dhíot t'éadántacht, a bhuachaill, ní tu an chéad duine riamh a phós: ná bíodh aon scáinteacht ort roim phósadh. Téigheann éadántacht leis an óige: is gnáthach lé daoinibh óga bheith scáthmhar, cúthail. Ní chuirfeadh sé é féin in iúil lé n-a éadántacht: rómhaol chun labhartha.

eadarchomhairleach: *a.* gan bheith socair in aigne ar rud do dhéanamh. "An mbeir ag dul 'on bhaile mhór ambáireach?" – "táim eadarchomhairleach, ní fheadar cad is ceart dom do dhéanamh, fanacht nó dul: ní thagann liom a shocrughadh cad is ceart dom do dhéanamh. Ná bítear ag brath air sin in ao'chor, duine eadarchomhairleach seadh é agus níl ann ach caitheamh aimsire in aisce bheith ag feitheamh: neamhchinnte.

eadarfhásach: *b.2.* leirg fholamh, áit ná bíonn tógtha air nó ná bíonn triall air. Chuadar le chéile (ag troid) ar eadarfhásaigh a bhí ar chúl na dtighthe: latrach: áit ná raibh gabhtha ar aon chuma, tighthe ná faic ar bith ach seanstáin a's trufais mar sin.

eadarghabháil: *b.3.* teasargha, dul idir lucht troda: cur isteach (ar): do dhéanamh síothchána. Nár thugaidh Dia luach (luaidheacht) do pháigh dhuit as eadarghabháil na beirte bhleaigeárd san, mar nár lugha aca san a chéile do phléascadh 'ná an bheirt aca ghod phléascadh-sa: teacht eatartha chun a gcosanta. Ar thoisc eadarghabhála thánag annso, d'iarraidh bhur gcúrsaidhe do réidhteach go mín macánta, creididh me, agus ní chun taobhuighthe le dream in aghaidh dreama eile: le hinntin síothchána do dhéanamh. Chuadhas eatartha chun iad do chosaint ar a chéile, ach d'iompuigheadar orm, agus is orm-sa chuaidh luighe na mbuillidhe; anois a thuigim "ná deaghaidh fear na headarghabhála riamh as": amadán seadh an té a théidheas idir lucht achrainn. Ná dein aon eadarghabháil 'n-ár gcúram-ne, tabhair aire dhod ghnóth féin, ná bac sinne thart: ná bíodh lámh ná ladhar 'n-ár ngnóth agat, ní háil linn thu. Léan air, ní haon droich-chré é ag déanamh na headarghabhála atá sé riamh a's ní ag déanamh toirmisc: ag cur isteach ameasc lucht achrainn ar son síothchána.

eadarghuidhe: *b.4.* guidhe ar son, impidhe, athchuinghe. Ar chealgán mo dhá ghlún d'iarras go dúluighthe ar an Mhaighdin Ghlórmhar Bheannuighthe eadarghuidhe do dheánamh lé n-a mac Críost, ar son mo mhic-se a bhí i gconntabhairt: guidheachtain dom. "Ionnas gur féidir leis an ndream thig chun Dé thríd féin do shlánughadh go hiomlán ar mbeith dho beó go síorraidhe chun eadarghuidhe do dhéanamh ar a son" (Eabhraigh VII. 25). Ní theastuigheann eadarghuidhe aonne uaimse, níl maitheamhnachas uaim ná lé fagháil uaim: labhairt ar mo shon.

eadarghuidhtheóir: *f.3.* eadarchomhairle: eadarghabhálaidhe: fear teasargan. "A eadarghuidhtheóir is grástamhla, iompuigh do shúile trócaireacha orainne, peacaigh": duine a impigheas go dúthrachtach ar son duine go mbíonn coir nó peaca os a chionn. B'fholláin do go raibh eadarghuidhtheóir maith, cliste sa chúirt aige nó ní thiocfadh as chómh bog a's tháinig: dligheadóir a bhí ag pléidhe ar a shon.

eadarluas: *f.1.* fotharaga: líonrith: corrathónacht, fústracht, prádhainn. Baineadh a lithéid sin de phreib gan choinne as gur thug léim eadarluais go huisce!: léim lé líonrith. Sid é díreach a thagann as eadarluas, dá dtugtá aire dhuit féin ní leagfí thu: líonrith: ceal faidteadhlaighe. Gach nidh a dheineann an bhean neamhfhoidhneach chéadna lé headarluas a dheineann sí é: fotharaga, rith a's deabhadh a's deifir lé gach gnóth. Chuala an gheóin ar dtúis agus an glisiam, an t-eadarluas glór ná féadfadh cluas aonne a dhéanamh amach cad bhí ann: dul trí chéile agus uathbhás na gcéadta glór a scannróchadh thu.

eadarluasach: *a.* líonritheach, fothragach, deabhadhfrach. Duine beag eadarluasach ag cainnt ná faghfá bun ná barr lé n-a ghlór, gach focal ag itheadh a chéile: tapaidh, mear. Riamh ní cualathas aonne b'eadarluasaighe ag cainnt 'ná é, agus gach focal go soiléir: budh thapamhla. Ar mbeith dos na báid ag druideam lé spric an bhuaidhte bhí gach aon fhear ag rámhaidheacht go headarluasach, chómh mear agus bhí 'n-a gcroidhe: luath, mear, tapaidh, éascaidh. B'éigean dúinn scaramhaint, a bhreithimh, bhí duine againn chómh headarluasach leis an nduine eile, agus ní fhéadfaimís broic lé chéile: chómh furaiste do bhaint: so-adhanta: soighríosta.

eadarnaidhe: *b.4.* luigheachán: fanamhaint ar thí (dhuine etc.). B'ait an saoghal é go bhfanadh na daoine ag teacht abhaile ón mbaile mór in eadarnaidhe ar a chéile chun díoghbhála cuirp do dhéanamh: ar tí: ag faire go foluightheach. Is olc an rud do dhéanfá fanacht in eadarnaidhe ar aonne le cúis nó gan chúis: ar a thí: ag faire i ganfhios chun a dhíoghbhála do dhéanamh go fealltamhail.

eadarshudh: (**eadartha**) *f.4.* aimsir crúidhte bó; isteach go maith sa mhaidin. Codlatánaigh leisceamhail 'n-a smístidhibh ar leabaidh go headartha (bó) tímcheall na haimsire go dtugtí na ba 'on bhuaile chun a gcrúidhte roim ré na n-uachtarlann. "Dé bheatha-sa, a chabhair an eadartha" (rádh): deirtí le duine a thagadh déidheannach ar mhithil mhóna, etc., sa tseanshaoghal: deirtear fós é le duine a bhíos déidheannach, ghá chur in iúil dó go múinte é do bheith déidheannach. Saorann an focal "cabhair" é. Éirigh, a liaghairne, tá sé in eadarshudh bó: ródhéidheannach d'aonne bheith 'n-a shuan. "Deineann na ba seasta féin an t-eadarshudh": bíonn a sos aca faid bhíos na ba bainne dhá chrúdh: deineann na daoine gan pósadh aithris ar dhaoinibh pósta. "An té go dtéigheann teist na mochóirghe amach air ní cás dó codladh go headarshudh" (seanfhocal) .i. aonne go mbíonn teist áirighthe air, macántacht, cuir i gcás, bheadh sé choidhche ag goid gan aonne do chaitheamh amhrais air.

eadragáin: *b.5.* teacht idir, teasardha: cosaint (lucht troda): do scaramhaint. Dá ndeineadh aonne eadragáin in am ní raghadh an cúrsa chun anatais eatartha mar chuaidh, agus is cosamhla ná beadh aon fhuil ann: dá ndéineadh aonne iad do chosaint ar a chéile in am. Mara mbeadh an eadragáin a deineadh orm agus go n-eireóchadh liom é do shroichstint, bheadh a chuid teallaireachta ceannuighthe go maith aige, mar bhascfainn é dearbhtha: an teacht treasna: an sárughadh. Cá bhfuil an rud is deacra 'ná dhá mhadra buile d'eadragáin nuair bhíd i muineál a chéile: do bhaint as a chéile: do scaramhaint. Is minic do cuireadh i bhfighis air go dteangmhóchadh a chuid eadránach do: go n-éireóchadh rud éigin do as bheith ag cur isteach ar chúirimidhibh dhaoine eile.

eadragána: *a.* teasardhach: tugtha do bheith ag sáthadh a chinn in áit nár bhain leis: geócamhail. Mara mbeadh tú bheith chómh eadragána leis, agus aire do thabhairt dod chúram féin, dóthain aonne, ní labharfadh aonne chugat nó uait: fonn sáidhte do chinn i gcúirimidhibh dhaoine eile rómhór ort. Duine ná deor ní scaoileann sé tharais, thiocfadh sé idir bheirt thuinncéiridhe, a's é is eadragánaidhe beo: claon ar bhaint lé gnóthaidhibh dhaoine eile. Tóg do lámh as san agus ná bí eadragánach: ag sádhadh do ladhrach in aon rud a bhíos ar siubhal.

eadragánaidhe: *f.4.* fear teasardhan: geócach: stocaire: eadarghabhálaidhe. An lá nách féidir liom-sa mo chúram féin do dhéanamh glaodhfad ar dhuine éigin seachas eadragánaidhe mar thusa ná fuil uait ach fios: geócach: duine claon ag cur isteach ar son curtha isteach. Eadragánaidhe diabhail seadh é – dálta an scéil, ná bíonn sásta gan bheith ag cómhairleach gach aonne: geócach: duine gur mian leis a ghuth do chlos in aon áit, aon am. "Connus tá do chúram, a Shéamais?" – "bheadh go maith mara mbeadh eadragánaidhthe, chuir beirt eile siopa chúcha im aice a's d'árduigheadar leó cuid mhór dem thrácht": daoine ag teacht idir é 'sa thairbhe. Is iongtach an t-eadragánaidhe Sasana i gcúirimidhibh stáit tíortha iasachta: bíonn sí do shíor "ag sádhadh a méire i méis duanghaoise tíortha eile".

éadtairbheach: *a.* gan mhaith, gan tairbhe, maitheas, bail ná áis. "B'fhearr liom bheith ag caitheamh chloch i gcoinnibh na gaoithe ná bheith ag déanamh mar thusa" – "budh éadtairbheach an gnóth san duit" (freagra grod): gan aon teacht isteach as: gan mhaith, gan bhail. "Níorbh éadtairbhighe dhom bheith d'iarraidh na mara móire do chosc ón dtráigh 'ná bheith ag múineadh chéille do dhuine ná héisteóchadh liom": níor neamhéifeachtaighe. Is éadtairbheach do chaitheas mo shaoghal ag obair dóibh, bata a's bóthar do thabhairt dom nuair nár fhan aon mhaith ionam: is beag a bhí dhá bharr agam.

éadtláith: *a.* láidir, forasta, forránta, teann, fuinneamhail, neamhmín, neamhthais. D'fhógair sé dhom go héadtláith gan teacht in aon ghiorracht dá theórainn nó go bhfaghainn uaidh lán an ghunna a bhí ar iomchar aige: láidir, dúluighthe. Ná bíodh pioc den eagla ort ach ná go mbead-sa go héadtláith leis an mbitheamhnach bagarthach san, agus go bhfaghaidh gach re seadh uaim: teann, neamheaglach. Nách iad atá go héadtláith le chéile, ar chualaidhis id laetheanntaibh beatha cainnt chómh borb?: neamhchaoin: neamhthais. Budh lughaidhe an mhaise dhuit bheith chómh héadtláith lé mnaoi, cad bheadh caillte agat lé bheith ceannsa?: neamhmiochair: neamhmodhamhail. Bean go raibh meón éadtláith aice dob eadh í, gur mheasa dhuit aon fhocal amháin bagarthach as a béal ná claidheamh tríd chroidhe: gan míneacht. Labhair níos neamhéadtláithe liom-sa más toil leat do chúram do chur chun cinn liom: níos míne agus níos subháilcighe. Ar an gcuma éadtláith do thug sé fén dtriúr aca d'aithneófá nách "ar an mbainne géar do tógadh é": misneamhail, neamhmeathta. Labhair sé leis ar chuma ná raibh a bheag ná a mhór éadtláith: neamhshleamhain: ná raibh ró-lághach chun dul isteach i ngoile dhuine ar son a thairbhe féin.

éadtláthas: (**éadtlás**) *f.1.* neamhmíne, neambuige croidhe, neamhthámáilteacht, neamhscáthmhaireacht, neamhmiochaireacht, etc. B'éigean dom stad sara rabhas

leathslighe trím athchuinghe, nuair bhraitheas an t-éadtláthas a bhí im chóir, an snaidhmeadh béil agus an fhéachaint ghruamdha, níor bheag san: ceal fáilte agus míne. Ní hé an biadh ná an droichleabaidh do mhill ar fad me ach an t-éadtláthas i ngach focal dá labhairt liom, an tarcuisne dom dhúthaigh agus dom féin: déine a ndroichmheasa orm. B'fhada leat bheifeá ar an dteinteán aca le héadtláthas, ní chloisfeá focal fáilte, fiafraighe carad ná namhad, ach gach duine aca 'n-a dhuirc: clódh an tsearbhais ortha. Gan stríocadh, gan trócaire dá chéile, ach éadtláthas ag gabháil dá chéile, gach focal ar a fhaobhar a's ar a fhulang aca, níor airigheadh lé fada argóint budh chealgánta 'ná í: ionnsaidhe diachair, goirtightheach ó ghach taobh aca. Cluiche éadtláthais ó thúis deireadh gan imirtheóir ar bith ag géilleadh don bhfear thall, allus fola ar an uile dhuine aca: cluiche fuinneamhail, fíochda.

éadtrócaire: *b.4.* ceal trócaire, ceal séimhe do chionntach: ceal ceannsachta do dhuine a thuilleas duaidhnéis: neamhfhonn coigealtha do dhuine nó eile: neamhthruaighmhéile: neamhcheannsacht: neamhshéimhe: neamhthaise: cruadhálacht. Éadtrócaire cheart don té a gheibheas aoibhneas i nduaidhnéis an fhir thall: an fonn chun peannaide a's pionóis do chur ar dhuine eile. Tugadh an oiread san éadtrócaire dhom, ghom ghiobadh a's ghom ghriogadh, go ndeachas in éadóchas: déanamh neamhdhaonna. Tréis a ghabhála bhítheas ag gabháil air go raibh sé dubhghorm a's budh bheag leó dho mar éadtrócaire é: buirbreacht déanaimh: fonn allta chun tinnis a's péin do thabhairt do dhuine. An éadtrócaire a bhí ar láimh an mháighistir an lá shmísteáil a raibh sa rang gan chúis ach duine éigin do dhéanamh gáire: neamhthruagh: gan mhothughadh ar bith do mhothúilt na scoláiridhe. Na gníomhartha éadtrócaire: a rinne Columbas sa hIndiachaibh Thiar ag tabhairt na croiche a's an chlaidhimh dos na dúthchasachaibh saonta: ceal taise agus truaigh. Éadtrócaire d'ainmhidhthe: bheith ghá n-oibriughadh thar ceart nó le linn dóibh mairc do bheith orthu: gann ceannúireacht do thabhairt dóibh.

éadtrócaireach: *a.* neamhcheannsa, neamhthruaighmhéileach, cruadhálach. B'éadtrócaireach an máighistir a bhí orainn, ní choigligheadh sé an bata orainn ar a luighead cúise: gan aon mhothúilt aige dár gcuirp: áthas air pionós do chur orainn. B'iad na tighearnaidhe talmhan a bhíodh go héadtrócaireach lé n-a dtríontaidhthibh ghá gcaitheamh amach ar an mbán fé fhuacht, fé fheannaid a's fé ocras: gan aon rian daonnachtachta 'n-a gcroidhe. Tá mo namhad éadtrócaireach agus ní choigleóchaidh dom: ní ghéillfidh sí don aindeise: ní spárálfaidh sí me má gheibheann me 'n-a lúib.

éadtrom: (**éadrom**) *a.* gan péas, éadoimhin, tanaidhe, mear, tapaidh, éascaidh, baoth, adamántamhail, aerach, guagach, gan stuaim: neamhfhuaimeantamhail. An dóigh leat go bhfuilim imthighthe éadtrom ar fad dá aerighe tháim, a's go bpósfainn seanduine a dhéanfadh athair críonna dhom: baoth, ait, gan aon chiall. Ní dócha ná go bhfuil súd éadtrom dá bhfeictheá aníos an tsráid é, a hata san aer aige, a's gach aon bhéic aige mar bheadh ag duine buile: gan fuaimeant céille. Cailín éadtrom ar an éadach neamhghnáthach ná téigheann go dtí n-a glúin uirthe, "báirneach" de hata uirthe a's bróga fé shálaibh chómh hárd lem alt: ag cur natha i nidhthibh suaracha neamhchuibhe. Budh dheacair fear dob éadtruime ciall 'ná é d'fhagháil, é oireamhnach le ceangal nuair bhí braon sa mbreis caithte aige: budh lugha nó neamhfhuaimeantamhla ciall: gan aon chumas aige ar a mhianach. Táim éadtrom ag an gcraolachán céadna ag siubhal gan scur

ó éirghe go luighe dóibh: mo cheann go mór trí chéile: suaidhte aige. Leann dubh an-éadtrom seadh é, ní dóigh liom go bhfuil mórán suiméir (scabhárd) ann: tanaidhe: gan tathnag. Ní fheadar cad deirim lé muinghin do chur asat, is eagal liom go bhfuilir ró-éadtrom: ceannuaiscneach, gan go leór stuidéir, neamhshocair. Ná téigheadh do dharadha i dtalamh annso, uisce éadtrom atá ann: éadoimhin: ní fada síos tóin phuill ann. Treabhaidh an talamh san éadtrom, níl an fód air: fan anáirde in aice leis an uachtar. Nách éadtrom a chuadhais ar an mbuidéal: níor bhainis puinn as. Ná bí gearánach in ao'chor, éadtrom go leór a chuadhais ón mbreoidhtigh, cad is fiú mí ar do leabaidh seachas tu do sciobadh chun siubhail: ní dheaghaidh sí dian ort. Éadtrom led láimh: ná bí chómh láidir léi. Éadtrom ar an gcaitheamh, nó ní bheidh pingin fé thráthnóna agat: stríoc: maoluigh: "beir fada air". Éadtrom ar an mbiadh nó b'fhéidir ná raghadh leat: ná caith an oiread san de. An-mhall bhí an bád toisc na gaoithe bheith chómh héadtrom, ní mór farra crochadh na seólta a bhí innte: lag: neamhfhuinneamhail. Chuireadar m'inchinn sa tslighe a's go raibh sí chómh héadtrom le cleite: gan péas cleite: scaipeadar mo mheabhair chinn. Ní thagann an chulaith sin rómhaith dhuit tá dath an-éadtrom uirthe: doiléir: gan an oiread san den dath ann a's ná beadh aon doircheacht ann. Coisidhe gléoidhte dob í, b'éadtrom seólta do bhuaileadh sí bóthar: éascaidh, lúthmhar, gasta: budh thaithneamh leat í ag siubhal. "Connus tá an seanbhuachaill ag dul ar an saoghal?" – "chómh héadtrom a's bhí aon lá riamh": bíodhgamhail: anamamhail: teaspamhail: "lán de cheól". Á, nílim chómh héadtrom a's bhínn: níl anamamhlacht na hóige ionam: gan éascaidheacht chun tabhairt fé rudaidhibh do dhéanamh fé mar bhí tráth. Buillidhe deasa, éadtroma i mbéal a chéile do cheapann crudh: gan mórán fuinnimh, cómhshnámhach. Solas éadtrom a bhí ón ngealaigh agus budh dheacair breithniughadh sa cheart: ná raibh láidir. Chómh héadtrom lé sop do fuaireas a iomchar: níorbh aon teamhair agam é. Fuaireas buille an-throm go raibh mo cheann éadtrom 'n-a dhiaidh: mearbhall ann. Duine leath-éadtrom, ná cuir suim ar bith 'n-a ráidhtibh, chreidfeadh sé aon rud: gan fuaimeant fir leis. Is éadtrom agam-sa san do dhéanamh duit: rud neamhmairgeach. An lá céadna bhí sé éadtrom fé airgead: ní raibh puinn de ar iomchar aige. Is mise a fhill go héadtrom: ó thigh an doichill: gan faic (puinn) d'fhagháil. Cuireadh an t-aoileach ró-éadtrom, ar an ngabáiste: gan a dhóthain de.

éadtromachán: *f.1.* duine baoth, ait, aerach, neamhfhuaimeantamhail, guagach. Éadtromachán a chreidfeadh aonnidh a déarfí leis, ná caitheann ciall ná tuigsint le haon rud: duine saonta. Ag déanamh éadtromacháin díom féin ag argóint lé duine ná fuil fuaimeant circe leis: duine gan aon chiall: gliogaire. Táim im éadtromachán ag glór diabhail sin an mhuilinn ná stadann dá thuargaint ó cheann ceann na seachtmhaine: mearbhall cinn a's bodhaire orm aige. Cad eile ach éadtromachán a dhíolfadh an tigh breágh san ar chéad púnt luach na gcéadta: duine ná fuil ciall stuidéartha aige. Deineann a bhean éadtromachán de ó bheith ag síorghiobadh a's ag sceaimhínteacht air: baineann sí a mheabhair shaoghalta dhe.

éadtromacht: (**éadromacht**) *b.3.* gealtanas, buile; "leathmheabhrach", éadtruime; díth péis; gan puinn meádhachtainte, baoithe; neamhdhéine. Is é is aite ar domhan éadtromacht na breithe a tugtar ar ghuaisteánaidhe a mharbhuigheas duine agus a truime mara ndeineann ach a ghortughadh: neamhdhochaiseacht: gan bheith dian. Éadtromacht na báistighe a tháinig leis na barraidhibh ambliadhna gur stalcuigheadar sa talamh: gan giorracht a ndóthana di chun úrmhaireachta na cré. Éadtromacht an bhuille do shaor é,

mar, dá mbuaileadh an speach úd i gceart é chuirfeadh ’on tsíorraidheacht é: neamhfhuinneamh: gan é bheith dochaiseach ná diachrach. D’éirigh sé as a chorp in éadtromacht an éin: léim sé chómh héascaidh le héan. Dulta as, agus seirgthe an méid sin go bhfuil sé in éadtromacht an tsuip: gan de phéas díreach ann ach oiread lé sop. In éadtromacht atá an lá ag dul, d’imthigh an chuma ghránda dhe: ag scartadh: ag dul i bhfeabhas. Riamh ó rugadh é tá éarlaidheacht ag baint leis, agus is ag dul in éadtromacht atá sé: ag dul in aiteas: ag éirghe níos baoithe. An éadtromacht atá ort-sa is tu bheith ag imtheacht mar sin id gheilt (lomnochtuighthe)?: an as do mheabhair ataoi ag dul? Mara mbeadh éadtromacht do bheith air ní labharfadh sé as chorp an phobail leis an sagart ar an altóir: an ceann bheith go hait aige. Gan aon amhras do bhí ceól ’n-a chnámhaibh, ach mara mbeadh éadtromacht do bheith air ní thabharfadh sé fén ngleann mór, doimhin sin do léimeadh: a chiall bheith beagán corruighthe ann. B’fhearr fanacht ar éadtromacht go mór ná breis ualaigh do chur chun duine: cuibheasacht. Dá bhfantá ar éadtromacht a’s gan oiread d’ól go rabhais id mhaidrín lathaighe, budh ghalánta a’s budh mheastamhla dhuit go mór é: measardhacht: cuimseacht. An turas-so fuaireas éadtromacht sa chíos, níor baineadh an ghnáthshuim díom: lacáiste: maolughadh, maitheamh. Beir a bhuidhe lé Dia a’s a éadtromacht a chuadhais as a’s an chonntabhairt ’n-ar chuiris tú féin: a luighead a éirigh duit. Ní thógfadh sí an t-éadach lé éadtromacht an datha: doiléire: gan é do bheith dorcha ná breis de do bheith ann. Chídhfeá i bhfad Éireann ó bhaile ar an bhfarraige le éadtromacht an lae: soiléire na spéire: léargas: glaine.

éadtromaidhe: (*iol.*) scartacha, scamhóga, aedheanna ainmhidhe.

éadtromán: *f.* gliogaire, guaigín, gligín, dailtín ait, rud nó cómhartha snámha, beart corc, soitheach beag follamh, bloc adhmaid, lamhnán mór gaoithe, nó coire mór iarainn, aon tsaghas lamhnáin, peil nó caid: aon rud éadtrom ar barr uisce – a choimeádfadh rud eile ó dhul ar thóin puill. Ceal codlata, áirneáin a’s suathadh dheineadar éadtromán ar mo chosaibh díom: bhíos chómh neamhstuidéartha guagach lé rud a bheadh dhá chaitheamh sall ’sanall ar ucht na mara. Éadtromán corónta aonne a chuimileóchadh a mhéar de bhéal rásúrach: gliogaire: duine gan “ciall gealbhain”. Ag lorg airgid orm ó ló go ló, a’s dá mhéid a thugaim uaim bítear chugham airís, an lámh sínte agus “t’r’om”, “t’r’om” aca, go dtí go bhfuilim im éadtromán aca: mo cheann san aer aca leis an nglór chéadna. Ag imtheacht ’n-a éadtromán ar ráiseannaibh, ar rinncidhibh, ar bhainisidhibh, in aon áit go mbeadh seódh a’s scléip: ’n-a dhuine leath as a mheabhair, gan faic dhá dhéanamh ag baile aige ach é ’n-a “choporó seóidh”. I mbéal an chuain tá trí éadtromáin ar thalamh tanaidhe chun rabhaidh do thabhairt d’árthaighibh: cómharthaidhe snámha chun luingis do stiúradh. Léan atá air! ní cléireach oireamhnach in ao’chor, ní fhreastalóchadh sé ar sheisear i rith an lae ach ’n-a éadtromán ag rith ó dhuine go duine: giofaire gan éifeacht.

éadtromughadh: *f.* (*-ighthe*) scartadh (aimsir); maolughadh; luigheadughadh i meádhachtaint; ísliughadh; túrnam; dul i neamhchéille. Tréis seachtmhaine do chaitheamh ar an oileán lé ceódh chuaidh éadtromughadh ar an aimsir agus bhíodar i ndán fágaint: scartadh: glanadh. Nách fada go dtéigheann aon éadtromughadh ar an aimsir: feabhas. Níor bh’fhéidir dul treasna na habhann, bhí tuile ag scéitheachtaint a puirt, go dtí go ndeaghadh éadtromughadh uirthe: gur ísligh sí. Nuair cailleadh a bhean tháinig éadtromughadh air gurbh éigean é do chur go Teach na nGealt: chuaidh dá chéill.

"Éadtromughadh ar an ualach breis chabhrach" (rádh) .i. nuair bhíonn breis na ndaoine chun ruda d'iomchar nó do dhéanamh ní thaidhbhsigheann sé trom. Ar mh'anam go bhfuilir ag éadtromughadh: ag dul as do mheabhair. Dubhart leis éadtromughadh ar an gcainnt, go raibh sé mós teann: lagughadh: gan bheith cómh borb, neamhmín. In árd an tráthnóna siar an cath a bhí dhá chur go fíochdha i rith na maidne chuaidh éadtromughadh air: lagughadh: ní rabhthas ag troid chómh garg ná chómh fuilteach.

éadtromuighim: *b.a.* 7 *n-a.* laguighim, maoluighim, séimhighim, íslighim (i meádhachtaint). Éadtromóchad mara stadfaidh sibh den ngleódh san, tá mo cheann scoiltighthe agaibh: raghad lé buile: imtheóchaidh dem chéill. "Is féidir liom", ars an breitheamh, "chúig bhliadhna príosúin do chur, an duaidhnéis iomláin, ach toisc feabhas t'iomchar go dtí so éadtromóchad go bliadhain an bhreith": lagóchad: luigheadóchadh. Éadtromóchaidh an lá so fós dá olcas é anois: feabhasóchaidh: scartfaidh. "Taithnigheann sé liom", ars an dochtúir, "gur éadtromuighis ó chonnac cheana thu": gur íslighis i meádhachtaint. Éadtromuigh ar do láimh: maoluigh: gluais níos airighe. Éadtromuigh ar do dharadha nó raghair i dtalamh: tairng aníos (isteach) chugat. Fanaidh seal, ná tugaidh fén abhainn, tá sí ró-dhoimin, fanaidh go n-éadtromóchaidh sí: go n-ísleóchaidh an t-uisce innte. Éadtromuightear an bád nó bádhfaidh sibh í, tá last róthrom innte: cuirtear den last aiste.

éadtromuighthe: *a.r.* laguighthe, maoluighthe, séimhighthe, íslighte. Ar mo choinsias go bhfuilim éadtromuighthe gen gceist seo, táim ag gabháil di le fada agus ní bhfaghaim ceann ná tóin léi: as mo mheabhair: suaidhte, curtha trí chéile nách fios dom cad is ceart dom do dhéanamh. A bhuidhe lé Dia go bhfuil luachanna éadtromuighthe: "tuitighthe le fánaidh": tagtha anuas. Ó airéir tá an tinneas éadtromuighthe air: maoluighthe.

éadtruime: *b.4.* aiteas, éarlaidheacht: baois, mireacht: ceal stuidéarthachta: méabhán, aiteas. Is baoghalach go bhfuil taom chugham tá éadtruime éigin im cheann: méabhán: neamhstuidéarthacht. Níor bh'fhearrde thu aon lámh do bheith agat ann, scaoil thart é, tá éadtruime ag baint leis, níl sé i gceart: díthcéille. D'fhéadfadh sé léim mhaith do bheith aige, tá éadtruime n-a chéim: éascaidheacht: seóltacht. Éadtruime do sheanduine bean óg do phósadh: aitheas: ceal céille. "Uime sin, ar n-a chur so rómham dom an raibh éadtruime orm? nó an dréir na feóla chuirim rómham nó nidhthe do chuirim rómham ionnas go mbeadh a seadh i seadh is ní headh agam" (II. Cor. I. 17). Éadtruime an tsuip 'n-a cheann: gan aon fhuaimeant. Ní bhfuair sé ann le n-a neart ach éadtruime an chleite: budh mhar a chéile aige é d'iomchar nó cleite. Le héadtruime bhíonn sí ag caitheamh na n-éadaighe seafóideacha san: guagacht: ceal céille.

éadughadh: *f.* (*-ighthe*) do chur éadaigh (culaith) um: do chlúdach. Fan, ní mór an mhoill agam-sa me féin d'éadughadh agus bead libh: me féin do ghléasadh. Ní bean gan meón í sin is í atá deas ar í féin d'éadughadh: bheith cáiréiseach tímcheall a gléasta.

éaduighim: *b.a.* gléasaim, cuirim umam, cuirim i gculaith. Éaduighimís an bád: cuirimís a chulaithirt (a cuid seólta) uirthe. Éadaigh tu féin a's ná feiceadh aonne noctuighthe mar sin thu: gléas id chuid éadaigh thu féin. Gach aon lá riamh b'shin an bhean ag teacht

isteach ’on Daingean b’éaduighthe: b’fhearr éadach agus b’fhearr go mbíodh sé cóirighthe uirthe.

éaduightheóir: *f.3.* duine díolta éadaigh, tailliúir. Th’anam ’on Diabhal ní éaduightheóir a dhein an chulaith sin duit ach gabha nó siúinéir!

eag: *b.3.* (*iol.* –anna) gearradh beag: feag, scór, clais, eanga, niog, bac, béim: neag. Cuir eag sa mhaide as an ndigh seo, táim beó, bocht indiugh: rian eile mar chómhartha go bhfuilim an méid sin i bhfiach. “An bhfaghad cáirde?” – “ní bhfaghair, níl slighe do n-a thuilleadh eag ar an mbata”: tá deireadh léd cháirde – tá an iomad id choinnibh. Gearr eag ar an gclabhar: cuir rian os cionn na teine ar an maide brollaigh chun an nidh seo do mheabhrughadh i gcuimhne. Strus agus saothar dob eadh an charraig do thabhairt ar barr ithreach agus d’iomlosc as an slighe, ach deineadh é ig ar n-ig: i ndiaidh a chéile. Is dóigh mhuis dá dhéine bhí an ghaoth bhíomair ag dubhrámhaidheacht agus ag druideam le talamh ig ar n-ig: céim ar chéim: blúire ar bhlúire.

éag: *f.3.* bás, dul as beatha: múchadh: básughadh. Cuirtear a thuilleadh guail ar an dteine tá sí ag dul in éag: ag múchadh: ag dul as: ag fagháil bháis. Tá an t-éag dulta im chnámhaibh gen bhfuacht a’s me im stuipéar annso: fuacht nimhneach go mórmhór toisc gan me do bheith ag corruighe ’sag suathadh mo chuid fola. Grádhfad tu, a chaithis, go héag: go dtín lá go bhfaghad bás. Tá sé air agat breith ar an dtraen, rith go héag: chómh mear a’s tá id chosaibh. D’fhóbair don nGaedhlinn dul in éag, mara mbeadh a luaithe tugadh fé n-a haithbheódhachtaint: dul ar ceal: bás d’fhagháil. Go bráthach airís ní éireóchaidh dá leabaidh, tá sé i dteanntaibh gen éag: greim ag an mbás air. Sin í an deoch shóghail a thógfadh duine ón éag: a chuirfeadh anam a’s spirid ann. Chuirfeadh an aimsir sheaca so an t-éag id chroidhe: gheóbhadh an fuacht tríot ó thaobh taobh. Ná bí ag cainnt ar fhuacht an uisce, tá an t-éag ann: nimh: fuacht thar barr. Airéir bhí an t-éag im chosaibh ná féadfainn codladh: fuacht nimhe.

eagach: *a.* fiaclach, manntach, méiscreach. Seachain thú féin ar an seanmheilt eagach scine sin, ghearrfadh go cnámh thu: béal ar nós an truireasca innte. Maide eagach a bhíodh ag coimeád cunntais fadó ag daoinibh ná raibh i ndán scríobh: maide go gcuirtí mannta beag ann in aghaidh gach fiach.

éagaim: *b.a.* ₇ *n-a.* gheibhim bás: téighim ar ceal, múchaim. Buaileadh breóidhte é, luigh sé a’s d’éag sé: fuair bás. Is fadó d’éag na fir go raibh aon mhaith ionta: fir mhaithe nílid ann anois. D’éag an teine agus ní fhéadfaimís í d’adhaint airís: mhúch sí: d’imthigh an deargadh aiste. Bhí an t-iasc an fhaid sin ar crochadh sa deatach gur éag a bhlas: níor fhan oiread blasa air a’s go n-aithneofá gur iasc a bhí ann tráth. Moladh is buidheachas lé Dia, nách gráineamhail mar éag sé, é ghá thachtadh féin: mar d’imthigh sé as an saoghal so. “An ghaoth in éag, iarr andeas í” (seanrádh) .i. nuair bhíonn sé gan aon ghaoth ann is dóichighde í do theacht andeas ná as aon áird eile. Ná bí ag cainnt liom ’n-a thaobh, d’éag sé me ag feitheamh leis i rith na hoidhche sa tsneachtadh: “chuir sé chun báis mé”: ghaibh an fheannaid tríom.

eagaim: *b.a.* cuirim eag, gearradh, mannta (i rud). Eag an deoch san im choinnibh (rádh): cuir rian síos ar an mbata: bíodh an deoch so ar mo cháirde.

eagal: *b.3.* scáthmhaireacht: mothúilt neamhshuaimhneasach de bharr braithstinte conntabharthach: uamhan: crithniughadh: tláthas. "Ní raghadh sé isteach 'on cheanntar san ar airgead Dhéamair" – "b'eagal do mar is iomdha cúis air ann": díolfaidh sé as: cúiteófí leis na rudaidhe atá déanta aige. "Níor bh'eagal leis siúd an chonntabhairt, fear ródha, misneamhail": ní bhraithfeadh sé aon mhothúilt go n-éireóchadh díoghbháil do gidh go mb'fhéidir gur shoiléir sin. Ní heagal tuiteam amach le chéile dóibh sin, táid rómhór le chéile agus an iomad rún aca ar a chéile: níl baoghal ar bith ann. "An eagal dúinn sibh?" (deirtear le seódh).

éagann: (**éagconn**) *f.1.* gligín: baothaire: duine ceannuaiscneach, amallóg: gliogaire. Bíonn sé 'n-a éagann nuair bhíonn sé ar digh: ní bhíonn "a chiall féin ná ciall aonne eile" aige: deineann sé nidhthe aite, amadántamhla ná cuimhneóchadh ar a dhéanamh a's é stuidéartha. Éagann leinbh seadh é, thabharfadh sé aon rud uaidh dos na leanbhaidhibh eile: guaigín: garsúinín gan puinn fuaimeannta. Ná géill don éagann san, is cuma leis cad deir sé ná cad dheineann sé: ní chaitheann sé ciall ná stuidéar le haon rud: deineann sé agus deir sé rudaidhe gan machtnamh ortha ná ar a n-iardaighe. Is fearr éagann caillighe ná éagann cailín: is fusa gabháil léi mar bíonn furmhór a ré caithte agus bíonn taithighe an tsaoghail aice. Maig ar a hata, geáitsidhe an domhain fé, ag sáthadh a chinn i gcúram gach aonne, éagann corónta: duine baoth, gan aigne aige ar aon nidh aonda. Cé hé a sheasóchadh ar dhrom tighe ach éagann: duine gur chuma leis cad bheadh dhá dhéanamh aige. Éagann capaill seadh é thógfadh sé sceit ó pháipéar ar thaobh bóthair: capall gur furaiste eagla do chur air. Éagann mná, féach an tslighe scléipeach atá sí gléasta, hata chómh mór le roth thrucallach asail, gúna ná fuil ag dul go dtí n-a glúinibh, bróga éadaigh, ribínidhe "siar síos": bean gan stuaim cheart. B'fhuraiste é do chur suas chun aonnidh do dhéanamh an t-éagann bocht: duine gan toil do féin. Déineann na cailínidhe éagann de, chaithfeadh sé a mbeadh aige ortha, chuirfeadh sé a cheann fén roth dhóibh: cuireann siad aiteas air: árduigheann siad a mheanma i slighe a's go mbíonn sé ar aiste nách eól do ciall do chaitheamh lé haonnidh. "Cad tá agat dhá dhéanamh an aimsir seo?" – "ag imtheacht im éagann": go neamhghnóthach.

éaganta: (**éagconnta, éagconntamhail**) *a. n-dh.* baoth, ceannuaiscneach, fánach, gan muirearaighe: neamhshocair: neamhfhuaimeantamhail. Nách cuma dho aonne cad do dheineann duine éaganta, gur cuma leis féin cad dheineann sé: duine gan muirearaighe: gan é d'fhonn nó de thuigsint ann do bheith freagarthach i gcúirimidhibh gur cheart do. Nár bh'éaganta an diabhal duine é a's gluaiseacht anuas leis an gcnoc géar san ar rothar gan chosc: baoth: díthcéille. Dhéanfá aon rud, táir chómh héaganta san: inchinn agat ná machtnuigheann ar an rud a bhíos rómhat: ceal stuamdhacht. Fear éaganta ná fanfadh in aon obair dá fheabhas ach ag gluaiseacht ó bhall ball: fánach. Tá san éaganta fós, tá an óige aige: gan bheith socair, stuidéartha: deimhnightheach de rud do dhéanamh nó a mhalairt. B'ait leis go haonne iad do dhul chun coraidheachta lé n-a chéile, gan chúis gan adhbhar, níor bh'éagantamhla duine aca 'ná an duine eile: níor lugha céille etc. Nuair théigheann an gabhar 'on teampall ní stadann go dtéigheann go haltóir, nach éaganta an t-ainmhidhe é: ceannuaiscneach: luathinntineach: gan stuidéar.

éagantacht: (**éagconntacht**) *b.3.* fánaidheacht inntine, corrathónacht aigne: fuaidreadh, baothamhlacht. An éagantacht nár leig riamh duit aonne do scaoileadh thart gan bréigh do chur air: baothamhlacht: aiteas: ceal fuaimeanta cuibhe. Nár bh'éagantacht do chur chun gluaisteáin do thiomáint fear nár shuidh riamh roimis sin innte. Ní dhéanfadh an éagantacht duit é .i. rud éigin déanta mícheart nó as an slighe agat ná déanfá mara mbeadh tu bheith ait. Ní bhíonn aon chao gen éagantacht air: tárluigheann rudaidhe dos na daoinibh ná caitheann ciall nó foidhne le rud. Ná bítear ag déanamh aon phriocaireacht ar an bhfear san, tá sé lán d'éagantacht: ní hiontaoibh ná go ndéanfadh sé rud ait. Bainfidh an saoghal 'san aimsir cuid den éagantacht as .i. múinfidh siad ciall dó: raghaidh sé chun stuidéarthachta leis an aois a's leis an dtaithighe.

eagaois: *b.2.* an chuid den ngoile in éan a mhionuigheas a's a mhínigheas biadh cruaidh. "Is í an eagaois do chuid-se dhe seo (éan)": an chaolchuid.

eagar: *f.1.* ordughadh, riar: sraith: cír (cíor). Cuirtear in eagar na nidhthe seo a's ná bídís fuar faillightheach scaipighthe thall 'sabhfus: cuirtear in órdughadh iad: riar agus cóiriughadh do chur ortha. Chómh luath agus bheidh go haonnidh in eagar againn beimid ag cur dinn: curtha i dtreó cheart: cóirighthe 'n-a n-ionad cheart. Bíodh na háraistidhe in eagar cheart agat: riar ortha: iad cóirighthe i slighe a thaithneóchadh leis an súil. Is fada riamh go raibh eagar ar aonnidh a dhéanfá: cuma órduightheach: gach aon rud as alt: go haonnidh caithte i ngabhal a chéile. B'shiúd é seómra an eagair, an chuma chailce ar gach rud ann: gach rud curtha go gasta, riartha lé chéile ar chuma sháiseóchadh an tsúil cháiréiseach. Fear eagair an pháipéir: an stiúrthóir. Crann eagair agus cairt .i. dhá ghléas a bhíodh ag iascairidhibh chun daradhtha tighe do dhéanamh: an crann a dhírigheadh iad. Cuir eagar ar an gcantam (scríobhnóireachta) so: gaibh tríd agus cóirigh é lé cur fé chlódh. An chír bhreágh fiacal atá aice gan cháim in eagar: 'n-a sraith chóirighthe, ghreanta gan ceann aca isteach ná ceann amach.

eagar: *f.1.* cófra i gcóir gráinne, mine, plúir etc. Is olc an ceann atá orm-sa a's ná féadfainn an scéal do bhreith liom, tá sé ag dul san eagar orm: ag dul amugha im mheabhraidheacht agus im chuimhne. Duine ró-aosta seadh é anois chun gnótha tábhachtaigh do thabhairt, mar bíonn nidhthe ag dul san eagar air: níl an greim ceart ge n-a innchin ar chúram throm.

eagartha: *a.r.* in órdughadh: riartha: cóirighthe go gasta: curtha fé chlódh tréis a ullmhuighthe. Fuaireas leitir uaidh ghá innsint dom – cliath fhada – an méid leabhar a bhí eagartha aige: cóirighthe, curtha lé chéile agus curtha i gclódh. An tslighe ghleóidhte bhí na planndaidhe curtha, eagartha aige: 'n-a shrathaibh riartha. Beidh an siopa san 'n-a shiopa mhaith nuair bheidh na hearraidhe eagartha agam ann: gach earra aca curtha go gasta, cáiréiseach 'n-a ionad cheart féin.

éagcalma: *a.* míolaochda, neamhchródha: neamhthaithneamach. Beart éagcalma dho gan iarracht do thabhairt ar an bhfear báidhte do shaoradh, ní haon chúis laochais do é: gan ródhacht ná fearaidheacht: meathta. Lá éagcalma b'eadh é nár thaithneamhach a bheith amuigh ar an muir ge suathadh a's ceódh: lá neamhdheas. B'éagcalma an gníomh do

rinne Séamas an Chaca lá Bhriseadh na Bóinne, teicheadh: míolaochda: beart nár ghnóthuigh meas ná urraim do. D'aithnigheas ar an slighe éagcalma do chuir sé chun reatha ná buadhfadh sé aon rás choidhche, mar ná raibh sé 'n-a chroidhe: fann: míothapaidh: liosta. Buillidhe éagcalma, ná marbhóchadh cuil: neamhfhuinneamhail: dearóil. Dachad uair is dócha do leag an fharraige bhriste é ameasc na gcarraigeach agus an turus deireannach do chuir sé chun éirighthe bhí sé chómh éagcalma san gur theip air: chómh imthighthe: claoidhte.

éagcaoin: *b.2.* (**éagcaoine, éagcaoineadh**) do ghearán, do chathughadh, do dhéanamh bróin na marbh: do ghol a's do dhuain. Is truagh iad dhá chur síos go tóin na farraige i bhfad ó n-a muinntir gan neach chun a n-éagcaointe: chun bróin do dhéanamh ná deóir do shileadh ar a son. "Agus do chaoidh Dáibhe leis an éagcaoineadh seo os chionn Sáil agus a mhic Iomatan" (2. Sam. 1. 17) .i. cnead agus duain bróin. An cníopaire mar sin atá sé riamh ag éagcaoin dá mbeadh air feóirling ruadh do chaitheamh, ní cloistear deireadh a chreacha go deo: ag síorcháiseamh. Mair faid fhéadfair, a amadáin, mar is gearr do bheadh do bhean ghot éagcaoin: ag gol 'sag déanamh bróin id dhiaidh. Chreideadh na seandaoine go gcloistí an tsidhe-bhean ag éagcaoin nuair gheibheadh daoine áirighthe bás: scol guil dhá chasadh aice.

éagcaoinim: *b.a.* goilim, caoidhim, béicim ós árd: gearánaim go truaighe. Ar an méid d'éagcaoineann sé a thoisc budh dhóigh leat air ná raibh neach b'iomardamhla idir cheithre chúinne an domhain 'ná é: gearánann sé go dubhach, diachrach. Seo, féach an gcuirfeadh san aon tsuaimhneas ort, ná héagcaoin a thuilleadh: ná déin a thuilleadh bróin a's gearáin cnáimhseála. Ná héagcaoineadh sé a thurus in ao'chor, is mó tá buaidhte 'ná caillte aige leis: ná gearánadh sé in ao'chor. D'éagcaoin sé liom go raibh a chuid stuic go léir tréis bháis, nár dhíol sé seift ar aonach ná ar mhargadh lé n-a chuimhne: ghearán sé liom go truaighmhéileach, duairc. Ar rud sa tsaoghal ní éagcaoinfinn mo chuaird ort, ní rabhas chómh sásta riamh le turus: ní chaiseóchainn é: ní bheadh mairg orm.

éagcaointeach: *a.* brónach, duairc, gearánach, ceasnuightheach. An meón éagcaointeach atá aca, cuirid déistinn orm, gach aon duabhais a's iomard ortha: cnáimhseánach. Ní hiongadh dhóibh bheith go héagcaointeach 'n-a dhiaidh a's gan aca de chlainn ach é: ag gol 'sag caoi. Taidhbhsigheadh dom go raibh rud éigin bun os cionn ar an gcuma éagcaointeach do bhí ort, ní raibh deallramh suilt ná seóidh ort: brónach, duairc. Bead-sa éagcaointeach a's ní hiongadh dhom, sciob an bás uaim a raibh agam d'aon sciúird: ag fearadh mo dheór a's ag ceapadh duan brónach. Beir-se go héagcaointeach, mara n-atharruighir do phort: beidh aithreachas dóighte fós ort má leanair den réim atá fút.

éagcóir: *b.3.* $_{7}$ *5.* mícheart, neamhcheart: coir; feall: leathtrom: míochomhthrom: aindlighe: míghníomh: urchóid. "Cé agaibh atá san éagcóir?": go bhfuil an mícheart dhá déanamh aige. Táir san éagcóir chugham más dóigh leat go rabhas ag táinseamh ort, mar ná raibh riamh agam duit ach an focal maith: níl an ceart agat chugham. Deineadh éagcóir ar an gcapall an iomarca ualaigh do chur air: rud ná raibh ceart, mar chuir sé iomard ar an ainmhidhe. "Is minic do crochadh duine san éagcóir" (seanfhocal): crochadh a's gan é cionntach. "Is mairg a daortar san éagcóir" (seanfhocal): is mór an truagh an té go gcuirtear rud n-a choinnibh go mícheart agus gan aon chao aige ar é do bhréagnughadh. I

gcóir nó in éagcóir déanfad é: bím ceart nó mícheart. Éagcóir throm, peaca a bhíos ag screadaigh ar Dhia, seadh luighe trom ar bhochtaibh: rud atá in aghaidh dlighe Dé agus daonnachta. "Éagcóir! d'éigh an fear nuair chonnaic sé imirtheóir ag teacht i leith a chúil ar imirtheóir eile: feall: éigniughadh nó briseadh ar riaghalachaibh an chluiche. Bhuailis san éagcóir an uair úd me (cártaidhe) .i. níor bh'í an imirt cheart í. Dá mhéid a bhfuil aige is le éagcóir a fuair sé é: ní bhfuair sé go macánta ná go díreach é. Ar éagcóir a bhuaidh sé: go cam: cleas éigin d'imirt ná raibh dleaghthach. D'éireóchadh liom ach chaithfinn dul ar an éagcóir: rud éigin do dhéanamh ná beadh macánta. Nách éagcóir cheart a lithéid de mhnaoi bhreágh gan céile aice: rud ná fuil ceart: truagh. Is í an éagcóir dhóighte í an deoch bhreágh san a's nách féidir liom í do cheannach: rud ná fuil aon deallramh leis a bheith i gceist. Táir ag cur ceann na héagcóra (éagcórach) rómhat do an lá atáir ag tromaidheacht ar an laige: ag dul ar an mícheart.

éagcomhthrom: *a.* neamhshocair, neamhréidh, neamhmian, neamhcheart, ainriaghalta. Gheóbhair an iomad le déanamh den ualach san d'iomchar tá sé ró-éagcomhthrom ort: níl sé socair i gceart ort. Bóthar gránda, doishiubhalta, éagcomhthrom, go mbrisfeadh do chroidhe a thaisteal: neamhréidh, achrannach. Dlighthe éagcomhthrom a thug Sasana riamh dúinn, an uile cheann aca d'iarraidh sinn do chlaoidhe a's do smachtughadh: dlighthe ná raibh ceart ná cóir, ná ceannsacht ná daonnacht ag baint leó. Roinntear an obair san oifig go héagcomhthrom orainn, gheibhim-se oiread le triúr di: neamhcheart: ní tugtar a chion féin dos gach aonne. Chun an leathchinn do bhaint den mbád caithfear an last éagcomhthrom do riar i gceart ar a tóin: an last go bhfuil breis de ar thaobh. Déanamh éagcomhthrom a tugtar d'aon leanbh go gcuirtear an iomad oibre air: éigceart: rud a bhíos i gcoinnibh breithe cirte an duine. Dubhairt an dochtúir go raibh mo chuisle níos éagcothruime 'ná cuisle aonne a bhraith sé riamh: neamhthráthamhail 'n-a bualadh. Labhrann tu, agus is oth liom é, éagcomhthrom ar dhaoinibh, molair daoine ná tuilleann é agus cáinir daoine a thuilleas: neamhchóir, leithleachais: bíonn léighe agat le daoinibh a's daoine ná bíonn.

éagcomhthrom: *f.1.* neamhcheart, éagcóir, tromaidheacht; neamhionannas, neamhthráthamhlacht. Éagcomhthrom na talmhan a mharbhóchadh tu ag saothrughadh annsúd, cnoc a's clais, clais a's cnoc: gan é bheith tuinn (libhéalta). An t-éagcomhthrom a fuaireas uatha, síor-obair, síor-obair, síorghiobhadh: ceal aon chaoi in ao'chor ar sheal bog d'fhagháil. An t-éagcomhthrom a bhíos ag an nduine bocht ag bruic leis an saoghal seachas an duine saidhbhir go dtagann go haonnidh in aisce air: an neamhionannas: duadh a's guais ar aon taobh, subháilceas a's flúirse ar an dtaobh eile. D'aithneóchadh fear budh neamheólgaisighe 'ná dochtúir go raibh buile breóidhteachta air le héagcomhthrom a chuisleann: neamhionannas a buailte. Éagcomhthrom an chluiche nár thaithnigh liom deichneabhar ar thaobh a's gan ar an dtaobh eile ach seisear: an deifridheacht a bhí idir líon an imeartha. An t-éagcomhthrom a bheireadh ortha ag iomchar gach aon ruda ar a ndruim in aghaidh an chnuic: ag obair fé chiotaighe mhóir, anacair. An t-éagcomhthrom so atá dhá imirt orainn in ionad sinn do chlaoidheachtaint is amhlaidh a mhúsclóchaidh sé spirid chosanta ionainn, agus cuimhneócham go dúluighthe ar gach leathtrom atá dhá dhéanamh orainn i leith tíorachais: an ghéirleanamhain is an déine nách féidir do chur 'n-a luighe 'n-a cheart. Thug sé gluaisteán nuadh dhom ar chéad

go leith agus seanghluaisteán, agus b'é sin an t-éagcomhthrom, mar ná ritheann sí go héascaidh: míomhacánta: neamhcheart: an dochair in aghaidh na breise.

éagcórach: *a.* mícheart, géirleanamhnach, do dhéanamh uile. Duine éagcórach seadh, mhuis: duine gur b'é a shlighe bheith ag faire ar chao dhíoghbhála do dhéanamh nó brabúch do bhreith ar chách. Ná labhair chómh héagcórach san ar aonne, nuair nách fios duit cúis do bheith air nó dhe: as an slighe: 'n-a choinnibh: neamhonórach. Rud an-éagcórach d'aonne seadh cuid an fhir thall do bheith aige: rud atá i gcoinnibh Dé agus daonnachta. Tagair chugham ar nós ceannuightheóra éagcóraigh do chur im leith go bhfuilim i bhfiachaibh agat: ceannuightheóir míomhacánta: go bhfuil fonn air rud do bhaint amach ná fuil ag dul do. Céaca is éagcóraighe fuadach nó folach: is mó go bhfuil coir ag baint leis. Rud árd-éagcórach seadh ainmhidhe bocht balbh d'oibriughadh thar a riocht: neamhthuillte aige: ní taithneamhach le breith ghlan an duine é. Ná bí éagcórach orm, ná tabhair breis le déanamh dom a's ná féadfainn a chríochnughadh: ná bí dian tar ceart orm. Cuireadh an dlighe ar an gceannaidhe, mar bhí tómhaiseanna éagcóracha aige: ná raibh ceart dréir na dlighe: ró-éadtrom. Cíos éagcórach, ar aon tigh sclábhaidhe seadh púnt sa tseachtmhain: ró-árd: tar ceart. B'éagcóraighe go mór rud do thógaint ó dhuine bocht 'ná ó dhuine saidhbhir: budh chionntaighe é. Cad fáth bheith éagcórach leis an té ná raibh riamh éagcórach leat?: bheith ag déanamh díoghbhála dho nách cúiteamh ar aon rud a bheadh déanta aige ort.

éagcóruighthe: *a.r.* goirtighthe, déanamh olc fachta (ag), máchailighthe, díoghbháluighthe. Cuireadh air go bhféadfadh sé an fear a shaoradh ó bháthadh, is mór mar bhí sé éagcóruighthe i mbéal na ndaoine – ar feadh i bhfad anois tá a "fhios ge Dia agus ge duine" ná féadfadh: bréag curtha air agus an mhasla a lean í os a chionn. Duine chómh héagcóruighthe a's rugadh riamh seadh é, tá sé ag tabhairt phríosúin anois as dhearbhadh éithigh do dhéanamh air: tá déanamh mícheart fachta aige. Gluaisteán éagcóruighthe seadh í, tiomáintear rómhinic is rómhear i gcoinnibh árdán í: ná faghann áis cheart, chomhthrom.

éagcrábhadh: *f.1.* easurraim do Dhia a's do nidhthibh coisrichte nó beannuighthe: ceal creidimh: ceal caondúthrachta: táir do dhualgas creidimh: malluightheacht: gníomh díthchreidimh nó malluightheachta. "Deirim go láidir", ars an sagart, "gur mór an t-éagcrábhadh é fanacht lasmuigh de thigh Dé le linn an aifrinn": an easurraim do Dhia é. Níor chóimhlíon sé a mhionn dearbtha, a's nár éagcrábhadh é sin: cúl do thabhairt lé n-a bhriathar sollamhanta. D'fhuaduigheadar cailís ón altóir - cá éagcrábhadh budh mhó dob fhéidir do dhéanamh 'ná é: táir do nidh bheannuighthe, choisricthe. Na halfraitsaidhthe ar a nglúinibh ag monabhar a n-úrnaighthe, gan aon chuimhneamh ar Dhia aca – éagcrábhadh 'n-a gcroidhe: ceal caondúthrachta: ceal díoghrais a's fonn paidreóireachta. Nách dóigh leat ná gur éagcrábhadh mór duit gan dul ar do ghlúinibh maidean a's tráthnóna: ceal do dhualgais do Dhia do chóimhlíonadh. Bheith ag gríosadh na hóige chun peaca níl aon éagcrábhadh i láthair Dé ná go bhfuil sé chómh holc leis: malluightheacht, truaillightheacht.

éagcráibhtheach: *a.* neamhurramach, neamhdhúthrachtach, neamhdhiadha, neamhdhíoghraiseach, díchreidmheach. Go héagcráibhtheach d'fheacann sé a ghlúin

d'altóir Dé: gan urraim. Aicme éagcráibhtheach a dheineadh drúis, craos, póit go bladhgarach, scleóndarach: go malluighthe, fiadhain. Ní mór í brigh na paidre a bhíos éagcráibhtheach: ná deirtear go dúthrachtach ón gcroidhe amach. Fear éagcráibhtheach ná téigheann chun aifrinn ná teampaill: neamhdhiadha. Beatha éagcráibhtheach a chaith sé, níor fheac sé a ghlúin i bhfiadhnaise sagairt i rith a shaoghail: díchreidmheach: gan dúthracht dá anam ná chun Dé ann.

éagcrothach: *a.* aimlidhthe, míochúmtha, uathmhar. Thiar ar a dhruim bhí druinn (dronn), slán mo chómhartha, a chosa a's a chrobhanna iompuighthe amach agus taobh dá bhéal casta siar; b'éagcrothach an clódh a bhí air: éidealbhach: mídhreachamhail: gan cuma cheart dhéanta an duine air. Iasc éagcrothach seadh an t-angalá: iasc ná fuil déanamh gleóidhte ná deas air. Bhítheas ghá bhualadh a's ghá ghortughadh gur tugadh clódh éagcrothach air: gur atharruigheadh a dheilbh. D'éirigh ainmhidhe éagcrothach in aice an bháid go raibh báirnigh a's feamnach ag fás air a's dhá shúil aige chómh mór le pláta: uathmhar: cuma ghránda, scannruightheach air.

éagcruadhas: *f.1.* fiabhras, aicíd, galar: éiglidhe. Dhein an dochtúir amach gur éagcruadhas breac tógálach a bhí air agus gur chóir é do chur in óspuidéal ar deighilt ós na daoinibh. An-olc atá sé gan súil lé n-a théarnamh, éagcruadhas incheann atá air: breóidhteacht go leanann beirbhthean, cuisle mhear, mairbheacht agus tart í. Táim-se gan lúth anois, a mhic ó, tá éagcruadhas na haoise tagaithe orm: éiglidhe, laige a's fainne. Éagcruadhas éigin air riamh nár tháinig crot ná deallramh air ach é éagcrothach, míochúmtha: galar síor. Éagcruadhas coimhthightheach air ná téigheann dochtúir ná liagh amach air: galar ceangailte isteach 'n-a chreat.

éagcruaidh: *a.* lag, éiglidhe, fann, neamhláidir: neamhchómhachtach, neamhchumasach, díthnirt. Bíonn cnámha na hóige éagcruaidh, leis an aois a thagann an neart agus an tathnag ionta: gan an acfuinn ná an fulang ceart. Buillidhe éagcruaidhe ná deaghaidh i luighe gaibhte orm a thug sé dhom, mar bhí a dhá righe leónta agam: gan fuinneamh: gan chruadhacht. B'fhada mhair sé, sin é crích a's deireadh an scéil, duine a bhí éagcruaidh leis na ciantaibh: lag, fann: 'n-a bhreóidhteachán. Iarrachtaidhe éagcruaidhe do thugamair ar bhriseadh trí n-a dtreasaibh, bhíodar rómhór sa mbreith orainn agus iad innealta i bhfad níos fearr 'ná sinn-ne: gan éifeacht: nár fhág rian ar ár gcómhsparnaidhthibh. Bíonn géaga éagcruaidh fé bhunóic: lag: gan chruadhacht na haoise.

éagcruth: *f.3.* droch-chlódh, droichdhéanamh: ceal crota: scannradh. Chuir a dheallramh gránda in éagcruth báis me: scannruigh sé im bheathaidh me. Fuairtheas corp duine bháidhte ach ar an éagcruth a bhí air níor bh'fhéidir d'aithneamhaint cér bh'é: a dhéanamh atharruighthe an méid sin: é do bheith lobhtha nó cuid dá bhallaibh ar iarraidh. Thug na bliadhanta éagcruth clóidh ar an mbochtán: d'atharruigheadar a chlódh chómh mór san go bhfuil sé imthighthe as aithne nách mór.

éagcrutha: *a.* gan clódh, cuma ná dealbh: díthdheilbh. Chonnacadar rud éagcrutha ar snámh agus rámhadar uaidh: rud ná raibh déanamh air a aithneóchaidís. "Thíos sa trínse, ar m'fhocal duit, tréis an fhoghaidh do dhein an namhaid orainn go raibh saighdiúiridhe

marbha ’n-a ndlúimh éagcrutha”: ’n-a gclais nár bh’fhéidir leat duine do dheighilt ó dhuine eile, a mbaill measctha lé chéile.

éagcuimse: *b.4.* gan measardhacht, teóra, doimheastacht, lánchómhachtacht. Budh mhaith an rud gan smut agus smut maith do chaitheamh ach gan duine do chailleamhaint a chéille ar fad le héagcuimse: dul tar teórainn, “tar cailc” ar fad, ar fad. Éagcuimse cómhachta na dtighearnaidhe talmhan gur bh’fhéidir a dtoil d’imirt ar na tríontaidhthibh mar dob áil leó féin: neamhtheóranntacht: “cead cos a’s cinn” aca. Deirtear go bhfuil éagcuimse riaghaltais ag Hitlear féin sa Ghearmáin: an riaghaltas ar fad “i gcúl a dhuirn” féin: gan cead tuairme ag neach eile. Níl aon cheal éisc ar an bhfarraige, tá sí fairsing, cuimhnigh ar a héagcuimse: a méid áidhbhéil. Éagcuimse an ólacháin a tháinig leis na saighdiúiridhibh: chaitheadar na tráthanna ag “diúghadh na gcárt” a’s ní raibh aon tseasamh i gcath ionta. Níl aon teacht anuas ar éagcuimse feabhasa rum do dhuine i bhfuacht: sárluachmhar: thar barr.

éagcuimseach: *a.* gan teóra, árdluachmhar, mórfhairsing, neamhchuibheasach. Tá cómhacht éagcuimseach agam-sa annso, ní féidir “hafsan” do rádh lém órdughadh: nách féidir baint leis. An bhfuil rud sa domhan is éagcuimsighe ’ná an t-ór buidhe? is “beag duine ná baineann sé an bonn uaidh”: árdchómhachtach, etc, ná meallann sé. Cúirimidhe éagcuimseacha a bhain a chiall ’sa shláinte dhe: cúirimidhe a bhí ró-iomadach dó. Ólann an duine bocht go héagcuimseach: “d’ólfadh sé an sop as an srathair”: tar meón.

eagla: *b.4.* uamhan, scannradh, scáthmhaireacht, imshníomh, faitchíos. Cogadh gan eagla in Éirinn, bhí sé sa tarangaireacht, an é seo? .i. cogadh mór, fairsing ná cuirfeadh aon bhráig ar mhuinntir na tíre seo. Leig dom leis a’s a mhisneach, bheadh eagla aige roim n-a scáth!: duine faitchíosach: go gcuirfeadh aon rud faitchíos air: an mhotháilt mhíoshuaimhneasach a thagas roim chonntabhairt an neamhshuaimhneas aigne ar mhachtnamh uilc le teacht is doichighde a theangbhóchadh do dhuine. “Deineadh Dia Abrathaim agus Dia Nathor, dia a n-aithreach breitheamhnas éadrainn. Agus do mhionnuigh Iacób fá eagla a athar Iasaic” (Gen. XXXI. 53). “Agus tiocfaidh i gcrích an té a theichfeas le fuaim na heagla go dtiocfaidh sé ins an bpoll” (Isaiah XXIV. 18). “Is é eagla Dé tosach na heagna” (Sailm CXI. 10). Ná gaibh eagla romham-sa, nílim ar do thí: ná tagadh sceón ort. Bheadh eagla ort ná tiocfadh sé mar is minicighe é ag cur díombáidhe ar dhuine ná bheith tráthamhail: faitchíos ná tuitfeadh an nidh amach go mbeadh súil agat leis nó mar budh mhian leat. Bíonn eagla na farraige orm, ní maith liom dul uirthe in ao’chor: faitchíos go mbáidhfí me uirthe. Chuir an madra uilc eagla an bháis i gcroidhe an leinbh: scannruigh sé amach ’samach é. Ar eagla go mbeinn déidheannach ón dtraen d’éirigheas go han-mhoch agus chuireas chun bóthair: dheineas san d’fhonn deimhin do dhéanamh do bheith in am. É siúd go gcuirfeadh sé nath do chuid do bheith aige! duine ná fuil eagla Dé ná duine air: suaidhteacht aige go ndíolfadh Dia a dhroichbhearta air. “Ar eagla na heagla”, arsa Seáinín an Chnagaire ná fuil aon bhraon ag an seanmhnaoi dhom béarfad féin cnagaire liom: d’fhonn bheith lán deimhnightheach ná beinn gan “ruibe de chlúmh na con”. “Is maith é an t-eagla ar an gcat a’s ar an madra” (seanfhocal) .i. gach aonne gan eisceacht do bheith fé smacht. “An té go mbíonn eagla air ní baoghal do” (seanfhocal): an neamhshuaimhneas aigne roim chonntabhairt cuireann sé duine ar a aire agus dá bharr san bíonn cúramach ionnas go seachnann an chonntabhairt

dréir a thuigseana. An diabhal féin ní chuirfeadh eagla air: tá miseach an domhain uile aige. “Ins an Daingean níor choigil an ceólghol/ gur ghlac eagla ceannaidhthe an chnósta/ dá n-eagla féin níor bhaoghal dóibh sin/ ní chaoinid mná sidhe an sórt san” (Piaras Firtéar) .i. “gur scannruigheadar” maidir lé n-a míoshuaimhneas aigne i dtaobh na mban sidhe etc. Mise an fear gan eagla rómhat: ná fuil aon bheann agam ort. Lé heagla chrith sé ó bhonn bathas: uamhan air. Rug sé eagla roimis ’on chré leis: scannradh an-mhór.

eaglach: *a.* scannruightheach, scáthmhar, imshníomhach. Táim eaglach i dtaobh na leitreach ar fhaid ná fuil sí ag teacht: imshníomhach: míoshuaimhneasach im aigne ná sroichfeadh sí me. Bím an-eaglach ist oidhche, dhéanfainn púcaidhe de gheósadáin: dar liom go mbíd amuigh ar mo thí. Eaglach i dtaobh an fhir bhreóidhte: is deacair a chur as mo cheann ná geóbhaidh sé bás. Ainmhidhe eaglach seadh tarbh: d’ionnsóchadh sé duine ar “thap an tairnge”. Éanlaithe eaglacha seadh géadhanna fiadhaine: scáthmhar: léimid ar a luighead glóir. B’eaglaighe liom tóirneach ná gaoth: is neamhshuaimhneasaighe bheinn roimpe. Bhíodar eaglach ná tiocfá in ao’chor: bhí sé suidhte, meáidhte ’n-a gceann agus míoshuaimhneas ortha dá réir. Nách eaglach ataoi dul isteach ’on uisce: scáthmhar: meathtach.

eaglaighe: *b.4.* do bheith faitchíosach: scáthmhaireacht. Ón gcéad ghreas amach ag dul in eaglaighe roim n-a buillidhibh a bhíos: ag dul i neamhshuaimhneasaighe aigne: breis den mhisneach ag tréigean orm. Eaglaighe éigin a rith ’n-a fhéitheannaibh nách féidir leis fanacht ’n-a aonar: scáthmhaireacht: míoshuaimhneas lúthach. In eaglaighe bhí an lá ag dul, gaoth láidir ag éirghe agus barra geal ag teacht ar an muir: an lá ag dul ar aiste gur bhaoghlach lé duine tabhairt fén bhfarraige.

eaglais: *b.2.* teach nó foirgneamh coisrichte d’adhradh críostaidhe agus a reachta nó dlighthe, dream áirighthe críostaidhthe: cóimhthionól críostaidhthe a bhaineas lé háit áirighthe amháin nó lé comhlucht: ughdarás na heaglaise. An Eaglais Chaitleacaidhe Rómhánach. “Mallacht na heagailse (eaglaise) air” (oirbhire uathbhásach) .i. coinnealbháthadh. “Más mar an eaglais atá an tAthair-mhac níl brigh ’n-ár ngnóth/ a’s ní fearr bheith ag aifreann ná ’n-ár suidhe ar an móin” (amhrán) .i. má tá Dia chómh dian etc. Baile Eagailse (Baile Eaglaise) .i. ainm áite. “Eón chun na seacht n-eaglaisidhe atá san Áisia, grásta, maille libh agus síothcháin ón té atá, a bhí, a’s a bhéas, a’s ós na seacht spirididhibh atá i bhfiadhnaise a árdchathaoireach san” (Tais. I. 4). “An té ag a bhfuil cluas éisteadh sé créad a deir an Spirid leis na heaglaisidhibh” (Tais. III. 22).

eaglaiseach: *a.* ag baint leis an eaglais, leis an gcléir: fear úird. Eaglaiseach éachtach dob eadh an Cáirdinéal Niúmann: fear go raibh cáil mhór air. An chúirt eaglaiseach san Róimh: an chúirt ’n-a réidhtigheadar nidhthe a bhaineas leis an eaglais dréir dlighe na canóine.

eaglaiseóireacht: *b.3.* nidhthe a bhaineas leis an eaglais, tréithe naomhtha. Gnóth ar bith níl ag tuata mar mise mo cheann do chur in eaglaiseóireacht, mar táim dall air, níor múineadh diadhacht (díocht) ná sagartóireacht riamh dhom. Geallaim duit gur beag an eaglaiseóireacht atá ag baint leis, ní ghá chasadh leis é: beannighthe ná naomhtha.

eaglughadh: *f.* (*-ighthe*) scannrughadh: uamhanughadh, sceimhliughadh, criothnughadh. Chuir na garsúin eile bairlínidhe bána ortha féin ist oidhche agus d'fhanadar ar mo thí chun me d'eaglughadh i leith a's go dtuigfí dhom gur púcaidhe a bhí ann: sceimhle do chur orm: chun me do shuathadh im aigne go rabhas i mbaoghal. Dá fhaid a fágadh me ar an bhfiadhchloich a's an taoide ag éirghe, éirghe 'sag druideam liom, gan buille snámha agam ag eaglughadh a bhíos: ag méadughadh a bhí an sceimhle orm. Chídhm go bhfuilid ag eaglughadh rómhat, nílid chómh teannbhriathrach, nuair chídhtear dóibh nár eagluighis rómpa: criothnughadh ag teacht ortha ná féadfaidís a mbagairt do chóimhlíonadh. Seanmhada ruadh ná béarfadh dol ná inneall air ag eaglughadh gach bean tighe sa dúthaigh i dtaobh a gcuid cearc: ag déanamh a n-aigne suaidhte go bhfuadófí a gcuid éanlaithe. Ag goid 'sag fogha 'sag fuadach 'sag buardáil 'sag marbhadh bhíodh na Dubhchrónaigh ag eaglughadh na ndaoine: ag scannrughadh; ag sceimhliughadh: do chur mothála na guaise 'n-a luighe go doimhin ortha. D'iarraidh mise d'eaglughadh ná bí ag cur t'aimsire, meas mo sheile níl agam-sa ar do bhuailimsciathacht: d'iarraidh cur as dom trí bhaoghal ded dhruim, fastaoim!

eagluighim: *b.a.* ₇ *n-a.* scannruighim, sceimhlighim, uamhanuighim, criothnuighim (roim). Cé hé innis dom, ná heaglóchadh roimis nuair bhreithneófá an t-éagcruth neamhdhaonna a thug an bás millteach air: ná "crithfeadh 'n-a chroiceann" ag suathadh a fheicseana. A Dhia na bhFlaitheas! d'eagluigheas an túisce chonnac an marbh gan choinne: tháinig scannradh an anama orm: d'imthigh "mo bhuannacht" orm díom féin. Eaglóchad na héanlaithe (fiadhaine) má theasbáinim me féin dóibh: bainfead geit (preab) asta agus eiteallóchaid. "Annsan eagluigheann tusa me trí aislingidhibh agus criothnuigheann tu me le fisibh" (Iób VII. 14): bainir dem threóir me lé mothúilt guaise. D'eagluigh sé orm an doras d'oscailt do, cé nár theastuigh uaim, ghá bhagairt go mbrisfeadh sé é: chuir sé iachall orm trí scannradh go mbrisfeadh, etc.

éagmais: (**éaghmais**) *b.2.* ceal, easbaidh, díth, ganntar: an mhothúilt a thagas chun duine i dtaobh ruda nó duine do bheith ar iarraidh nó ar teastamhain: bheith ag mothúilt duine a bheadh as láthair nó ar iarraidh. "Is fearr Séamas ná bheith 'n-a éagmais" (seanfhocal) .i. is fearr rud ar bith dá neamhthairbhighe é 'ná bheith gan aon rud. Mara dtugair aire dod chuid beir in éagmais fós: beidh ceal ort: beir gan fagháltas. An in éagmais do chéille ataoi agus bheith ag dul 'on tsáile i gcorplár an gheimhridh?: an amhlaidh ná fuil splannc mheabhrach agat? Ó árduigh Seán T. (an tAire) luach an tobac caithfidh bochtáin déanamh dá éagmais: gan é. Tóg! fan amach uaidh! déanfar so it éagmais-se, ní theastuigheann do chuid eadragánach sa chúram-so: gan tusa: gan cabhair, cóngamh ná cur isteach uait. Chun na fírinne d'innsint, níor cheart an mhilleán ar fad do chur ar Thomás, mar bhí daoine dá (n-a) éagmais i dtreis: daoine nách é agus lámh aca sa bheart chómh maith leis. Thabharfainn duit mo chapall agus fáilte mhór ach ní fhéadfainn bheith 'n-a éagmais: mo ghnóth do dhéanamh gan é. Beir-se gan aon amhras ann; ní déanfí it éagmais (saghas bréigmholta): ar thusa bheith as láthair ní bheadh aon deallramh leis an scéal. Má thagair abhaile in éagmais hata nuaidh dhom ná cuir do shrón thar doras!: gan é. Tháinig éagmais an domhain uile ar an gceanntar nuair d'éag sé: uaigneas a's brón dá cheal. Ar thugais fé ndeara aiteas an aosa óig fé láthair mar thugaid grádh éagmaise do réaltannaibh an scáine!: bíd i ngrádh leó so ná feacadar lé n-a súilibh cinn riamh. Ar scríobhais i gcóir na Nodlag chun do cháirde éagmaise: do cháirde as baile: lasmuigh. Tá

dachad púnt fiach orm in aon tigh amháin in éagmais púnt annso agus púnt annsúd: gan bac lé: gan a áireamh. An teog déidheannach breóidhteachta a mhairbh ar fad scun scan é, ach in éagmais sin agus uile bhí sé ag tréigean lé fada: seachas na breóidhteachta déidheannaighe seo. In éagmais me do bheith roimis ag an dtigh, d'fhágas scéala aige go mbeinn sa tigh ósda cóir máireach: ar gan me do bheith etc. Bíonn éagmais agus imshníomh orm nuair ná buaileann tu liom go minic, tá cion chómh mór san agam ort: uaigneas a's dubhchroidheacht orm. Ruagaidh me, más maith libh, ach sibh féin a bhéas caillte leis, agus cuimhneóchaidh sibh go géar m'éagmais fós: beidh aithreachas dóighte oraibh me bheith ar iarraidh. In éagmais an méid do chaitheann sé ar thogha an éadaigh agus an bhídh caitheann sé an seódh (airgid) ag taisteal ó áit go háit: 'n-a theannta san. Cá bhfuaireadh thú? is fada ar éagmais duit?: ar iarraidh: gan fios d'aonne cá rabhais. Is tú atá uaim, bhíomair it éagmais go cruaidh: do lithéid (de dhuine mhaith) do theastuigh uainn.

éagmaiseach: (**eaghmaiseach**) *a.* ollmhór, éagcuimseach, neamhghnáth. Bhuail an teas éagmaiseach san Afraic é a's bíonn éagcruadhas incheann air riamh ó shoin: an teas ná raibh "aon chur síos" air. B'é an scéal do b'aite agus b'éagmaisighe é dá gcuala riamh; ó! a ghrádh ghil, cioth cloch do thuiteam ón spéir, an diabhal a gcreidfinn de!: rud ró-iongtach lé n-a neamhghnáthaighe. Tuitfidh rudaidhe éagmaiseacha amach sara mbeidh deireadh leis an gcogadh, dóighfid a's loiscfid a chéile ón spéir, an diabhal an fios cad dhéanfaid: rudaidhe áidhbhéile.

éagmhar: *a.* básach, tubaisteach, marbhthach: líonmhar fé bháiseannaibh. "Fóghmhar féarmhar, earrach éagmhar" (seanfhocal) .i. creidtear go leanann droichgheimhreadh a árduigheas na daoine chun siubhail lé haicíd fóghmhar breágh. Cogadh éagmhar a dhéanfaidh so, ná fuil na diabhail féin ghá mhaoidheamh go mbánófar leath na hEóraipe: gheobhaidh na mílte, mílte bás tríd. An bhliadhain éagmhar úd go dtáinig an fiabhras breac go raibh na daoine ag tuiteam "ar nós na sacán": na mórbháiseann.

eagna: *b.4.* ciallmhaireacht: cruinneacht: gliocas, stuaim, gaois, cunnlacht, ealadha, eólas agus fonn ceart a churtha i gcrích: an chómhacht rud do bheith go ceart: géarchúis: iomchar ciallmhar tuigseanach: grádh agus eagla Dé: dualgas do Dhia. Ceann des na seacht subháilcidhibh diadha seadh eagna: grádh a's eagla Dé. Túis na heagna eagla Dé: fios iomlán connus crích cheart do chur ar do shaoghal beatha. "Ná labhair i gcluais an amadáin óir dísbeagfaidh eagna do bhriathar" (Seanráidhte XXIII. 9): fuaimeant. An eagna dhiadha: tuigsint ó Dhia. Eagna an duine ach géarchúis madra. Is í an eagna a threóruigheas duine ar an gcrích is fearr agus ar an gcuma is fearr í do ghnóthughadh nó do shroichstint. Is í an eagna an fheidhm cheart do bhaint as an eolas a bhíos againn. Sáruigheann eagna gach saidhbhreas (rádh): is fearr an t-eólas a bhíos againn do chur i bhfeidhm cheart ná pé méid de mhaoin an tsaoghail do bheadh againn. Bhí Críost ag dul chun cinn in eagna – b'eól dó cad déarfadh sé mar bhí eagna naomh aige: bhí díriughadh ó neamh air. Níor bh'eagna dho a chreideamh do shéanadh: níor bh'é an bealach budh chéillidhe dá anam san.

éagnach: *a.* gearánach, brónach, cnáimhseálach, monabhrach, crónánach, clamhsánach. Ó dhubh dubh bíonn sí go héagnach i dtaobh a clainne a's a luighead cabhrach do thugaid

dá spaga: ag gearán go cnáimhseálach: ní sháiseóchadh an diabhal buidhe féin í. An t-athair 'san inghean i láthair an chuirp, gan aonne eile beó ach me féin, a's iad ag gol go fuidheach agus go héagnach gur chuireadar maoithneachas orm: go truaighmhéileach. Ná bí go héagnach i dtaobh aon ruda más inleasuighthe ár mairgidhe is neambuidheach uainn sin, más doileighiste iad is fearr againn é: cnáimhseálach: aingidhe, míoshásta.

eagnaidhe: *a.* glic, críonna, sáreólgaiseach, cliste. "Teagaisc dúinne ár laetha d'aireamh ionnas go dtugam chugainn croidhe eagnaidhe" (Sailm XC. 12). "Óir ráinig tuarasgabháil bhur n-umhlachta-sa na huile dhaoine. Ar an adhbhar san atá gáirdeachas orm bhur dtaobh-sa gidh is mian liom bheith dhíbh eagnaidhe i dtaobh na maitheasa agus neamhurchóideach i dtaobh an uilc." (Rómhánaigh XVI. 19). "Gabhann sé na heagnaidhe 'n-a ngliocas féin agus beirthear cómhairle an deithneasaigh le fánaidh" (Iób V. 13). B'eagnaidhe dhom go mór leigeant dóibh bheith ghom chúisiughadh i gcoir ná raibh baint agam léi, ná me féin do chur ar aon riar lé cóip chómh táir: budh chruinne dhom: budh mhó de mheabhair bheadh ag baint leis. Mórchuid feicsighthe, taithighthe aige agus mórchuid léighte aige, éist lé n-a chómhairle mar ní fuláir í do bheith eagnaidhe: glic, ciallmhar, stuamdha. Sagart eagnaidhe seadh é i scrúdughadh focal Dé: cliste, lán d'eólas a's de ghéarchúis.

éagnuighim: *b.a. 7 n-a.* gearánaim, cneadaim, cnáimhseálaim, cúisighim, deamhasluighim, mallachtuighim, tiomnuighim. D'éagnuigh sé ó thalamh thu, níor fhág sé diabhal i dteintibh ifrinn nár thairng sé thart: mhallachtuigh thu ar a thoil. Ní fheadar cad tá air, an bhfuil a fhios ag aonne, éagnuigheann sé i rith an lae, chloisfeá ag ceisneamh 'sag ciarsán leis féin é: cnáimhseálann sé ar a aiste. Éagnuigheann sé ort ó n-a chroidhe amach, pé cúis atá aige ort, ag glaodhach ar Dhia droichíde ghráineamhail d'imtheacht ort: bíonn ghod mhallachtughadh. Éagnóchaidh na daoine ar an gcáin bhreise seo curtha ortha, ní maith leó in ao'chor í: beid ag cur a míoshásaimh in iúil. "D'éagnuighis Dia agus an rí" (I. Righthe XXI. 10): do labhrais go neamhurramach 'n-a dtaobh: do mhasluighis iad le bréithribh gránda.

eagraim: (**eagruighim**) *b.* riaraim, cóirighim, óirdnighim: réightighim: ceartuighim: cuirim lé chéile le cur i gclódh. Eagruigh an clog san, tá sé an-mhall agus ní imthigheann sé 'n-a cheart: ceartuigh é i slighe a's go n-imtheóchaidh mar is ceart. Nách maith córach d'eagruigh an fiaclóir a chír bhréige sin id dhranndal: 'n-a sraith ghasta i gceann a chéile. Cé eagair (d'eagruigh) an leabhar san?: a chuir lé chéile i gcóir clóidh é. Eagruigh an seómra, féach an clódh neamhghasta atá air: cuir gach aonnidh in alt a's in ionad cheart.

éagsamhail: *a.* neamhghnáth, coimhtheach, malartach, ait, iongtach: iliomadach, deifreach: ilghnéitheach: gan chomórtas, éagcuimseach. "Eagna éagsamhail Dé" (Eph. 3. 10): eagna Dé ghá teasbáint féin go mion minic agus ar malairt slighthe. "An nidh 'n-a bhfuil sibhse ag déanamh gáirdeachais bíodh go bhfuil sibh anois le sealad má tá 'n-a riachtanas fá thuirse i gcathuighibh éagsamhla": i mórchuid cathuighthe. Tionóisc chómh héagsamhail a's d'éirigh duine riamh, a chos do chasadh fé ar an mbóthar, a cheann do bhualadh ar chloich a's é d'fhanacht annsan 'n-a phleist mharbh: ait: neamhghnáth: ná tuitfeadh amach ach go hannamh. Níor mhaith liom puinn cainnte do bhaint asta, aicme éagsamhail seadh iad gur deacair a thuigsint agus a iondrabháil: dream leó féin gur

deacair dul amach ortha. “Níl aon teóra leis ach an fharraige mhór”; connus thagann sé ar a bhfuil de ghnóthaidhibh éagsamhla le déanamh aige: deifreacha: “céad gnóth”. Garsún éagsamhail ná blaisfeadh faic i dtigh cómharsan dá mbainfeá an ceann de: coimhtheach trí thámáilte. Annsúd i Sráid Ghraftan a’s ní har Shráid bhoicht an Daingin do chídhfeá na héadaighe éagsamhla: iongtach le n-amharc. Pota go bhfuil biadhanna éagsamhla ann é seo: measctha. Radharc éagsamhail chonnac lá aoibhinn gan puth as an spéir, cóch uathbhásach, obann a árduigh sáile san aer: neamhghnáthach, iongtach. Dórnálaidhe éagsamhail dob eadh Ó Díomsaigh nuair bhí sé in aoirde a láin: gan chomórtas. Deir na dochtúiridhe gur deoch éagsamhail do dhaoinibh ar fainnéirghe leann dubh i gcantamaibh cearta: dochuimsighthe: ná fuil aon teóra leis. An Piarsach éagsamhail gur dheacair a chómh d’fhagháil. Droichmhianaigh agus bitheamhnaigh dob eadh a raibh ar an gclainn, aonne amháin a bhí éagsamhail leó, macánta, mín: deifreach leó: neamhionann: gan é mar iad in ao’chor. Bean éagsamhail seadh Mád Gonne: bean ná fuil a lithéid le fagháil. Nách dóigh leat ná go raibh neart éagsamhail sa bhfear a thugadh dathad cloch meádhachtainte anáirde staighre ar a dhrom leis: éagcuimseach: iongtach amach ’samach. Bean go raibh inntin éagsamhail aice ná claoidhfeadh ach seal gearra lé haonfhear: inntin luath. Madra éagsamhail é sin mianach con a’s gadhar caorach ann: measctha.

éagsamhlach: *a.* neamhghnáth, neamhchoitcheann. Buachaill éagsamhlach ná gabhadh i gcuideachtain aonne ach leis féin a’s chaitheadh a chuid aimsire ag gluaiseacht ó áit go háit ag amharc seanoibreacha agus seanthógála: neamhchoitcheann: gan a lithéid eile lé fagháil sa chómharsanacht. Riamh, riamh dhiúltuigheadh dos gach aon fhear gur mhian leis a pósadh, annsan dhein sí rud ró-éagsamhlach, d’imthigh sí le truaghnairt bheag fir ná raibh leath maith a dóthain di: ait, rud ná beadh coinne ag aonne leis. Obair éagsamhlach as Gaedhling í seo: neamhghnáth.

éagsamhlacht: *b.3.* coimeascadh rud lé chéile: deifridheacht, claochlódh: ceal cosamhlachta, líon rud nách d’aon saghas: iongtacht, neamhchoitchinne. Téighimís isteach ’on tsiopa so b’fhéidir go bhfaghaimís an rud atá uainn, tá éagsamhlacht rud dhá dhíol ann: iliomad rud nách den gcineál gcéadna. Éagsamhlacht éigin ag baint leis lé déidheannaighe ní bhfaghaim é mar gheibheann bliadhanta ó shoin cainnteach, soilbhir: neamhchoitchinne: neamhghnáthacht ag baint leis. Ní fuláir nó is mór a bhfuil de chulaitheannaibh éadaigh agat, bíonn éagsamhlacht gléasta ort an uile lá bhuailir liom: malairt ghabhtha. B’é éagsamhlacht an duine seo nár bh’fheas d’aonne cér bh’é ná cár bh’as é: rud ait nár bh’fhéidir le aonne d’fhagháil amach. Cé gur b’é do dhreatháir é, tá éagsamhlacht agat leis: níl aon deallramh i gclódh ná i meón.

éagtha: *a.r.* marbh. Tá sé chómh héagtha lé éagtha anois: marbh amach ’samach. Beir éagtha má sheasuighir i bhfad eile san ionad fuar san: préachta. Bead éagtha sara dtagaidh an dochtúir mara luathuigheann sé: tréis bháis. Tair isteach, a dhiabhailín, (le leanbh beag) nó beir éagtha: gheobhaidh an duibheacadh tríot.

éagthúnta: *a.r.* doithigheasach, danardha, smuilceach, gruamdha, daibhceach (daighceach), goirgeach: neamhshithbhialta: searbh. Maith ar bith níl ann díbh, a gharsúna, dul i ngoire an tighe sin le hionchas bídh, beag éagthúnta atá ann a locfadh an biadh oraibh gan fiú é do rádh libh: doithigheasach, searbh, neamhfhéicheamhanta. I

dtosach do shaoghail mo chomhairle dhuit gan labhairt go héagthúnta lé haonne choidhche, is fearra dhuit teist na síbhialtachta ná an doithighis: go goirgeach nó giorraisc. Th'anam 'on diabhal! a dhuine, an fhéachaint éagthúnta do thug sé orm budh dhóigh leat gur duine a bhí marbh agam air: searbh: neamhmín. Cad tá buaidhte agat le bheith éagthúnta? ná beifeá ar nós go haonne agus bheith mín, lághach: smuilceach: drochnádúrdha: gan aon teacht aniar. B'áile liom bheith na céadta mílte uaidh ná bheith 'n-a chuideachtain éagthúnta: é ar nós na muice gach uair a osclóchadh sé a bhéal: tulcach, searbh, neamhthláith. Sin é an duine éagthúnta chun aon ruda do lorg air go mórmhór ar iasacht, ní mór ná go n-íosfadh sé thu i dteannta an diúltaimh do thabhairt duit.

éagthúntacht: *b.3.* goirgeacht, daighceacht, neamhthláthas, gruamdhacht, seirbhe. Tathluigh éagthúntacht an duine sin sara dtéighead chun cainnte leis, mar ní gnaoi liom a dhriuch: maoluigh a ghoirgeacht: seirbhe: gruamdhacht: mímhíne: domheanma. Duine ná daon ní théigheann i ngoire an tsiopa aige lé n-a éagthúntacht, ní bhíonn aige dos gach aonne ach an focal is measa 'n-a phus: goirgeacht meóin. Ná leig choidhche d'éagthúnthacht do chur isteach ar fhorastacht t'aigne: de ghruamdhacht: de neamhmíne. Is olc an tréith éagthúntacht i bhfear; is measa ná san i mnaoi í: neamhthláthas. Ná bíodh aon éagthúntacht ort ameasc carad, is lughaide a meas ort: doimheanma: gruaim.

eala: *b.4.* éan. A píob chómh geal le heala: bán, gléigeal. Bád chómh líomhtha le heala ar linn: chómh seólta, éascaidh. "A's a píb (píob) mar eala lá Márta": chómh geal, gléasta san.

eala-bhog: *a.* mallabhog: meathbhog. Níl an t-uisce oireamhnach chun té fós níl sé ach eala-bhog, níor mhór do bheith ag fliuchaidh (fiuchaidh). Déanfaidh eala-theas an gnóth chómh maith le teas fuairnéise: meath-theas: teas ann as.

eala-bhean: *b.* (*-mhná*) bean áluinn, chórach. Cá bhfuil eala-bhean an tighe seo? (cleithmhagadh) .i. bean go bhfuil teist na breághthachta uirthe.

ealadha: *b.5.* clisteacht saorchéirde, léigheann: gairm: dumas: cnáid, cleasaidheacht: dán: stuaim: gliocas. Cad is ealadha don nduine sin?: cad í a ghairm bheatha: cad a dheineann sé. Ní healadha liom aon bhaint do bheith agam le gnóth éagcórach: ní hé mo mhian é: ní hé sin an tslighe is méine liomsa beart do dhéanamh. "Is breághtha í an déirc ná céird a's ealadha": is fearr í 'ná aon tsaghas céirde, nó aon tslighe thairngeófá ort bun do shlighe bheatha do dhéanamh. Gaibhneacht a ealadha bheatha: an ghairm atá aige. Ní maith ná taithneamhach í t'ealadha bheith ag sáthadh a chinn i ngnóthaidhibh daoine eile: an tslighe iomchair. Ní healadha dom dul i dtreis leis, mar is fada riamh gur réidhtigheamair lé chéile, agus is fusaide ár síothcháin me d'fhanacht uaidh: ní cuibhe dhom é. "Ní healadha do dhuine a shrón do theascadh mar olc ar a cheannaghthaibh": ní cuibhe ná maise dho dhuine é. Chuirfeadh a healadha ag gáiridhe na clocha galsa, an mhaig, an tóirtéis agus an mustar gan ghuastal: forcamás: feádhanna: aithris thuathalach ar ghalántacht. Tá ealadha dhubh aige ar chártaidhibh - bhuadhfadh sé a dtiocfaidh 'sa dtáinig: gliocas rúnda. Ní healadha dhúinn gan fanacht leó ar eagla go n-éirigheadh aonnidh dhóibh, mar ná fuil a mbád go maith: budh cheart dúinn etc. Deineann an t-

eólaidhe gach nidh le healadhain: lé céird sárléigheanta. Aonne léighfeadh é sin d'aithneóchadh sé go bhfuil ealadha an dáin foghlumtha go maith ag an ughdar: an cheárd cheart cumadóireachta. Easbhaidh máthair na n-ealadhan: "múineann gábhadh seift": deirtear lé duine a bhíos ag déanamh aon ruda ar a aimhleas. "Ní maith t'ealadha, a dhuine sin" .i. ní maith ná fóghanta an tslighe iomchair atá agat.

ealadhanta: *a. n-dh.* eólgaiseach, ceárdamhail, glic, tapaidh, léigheanta, géar, gasta, inntreamhail. Biorránach ealadhanta go maith é sin ar phócaidhibh do phriocadh, nách breágh ná tagtar suas leis: glic, gasta. An nadhbhóg so, is ealadhanta atá sí déanta gach máille dhi chómh snasta, cúmtha: eólgaiseach: sárdhéanta: ceárdamhail. An bhféadfadh aonne teine d'ádughadh chómh healadhanta san: chómh cóirighthe. Nead déanta go healadhanta seadh nead an dreoilín: go líomhtha, córach, cúmtha: ar sárfheabhas. Tréis an tsaoghail blúire gleóidhte ealadhanta ceárdaidheachta seadh uaireadóir: foillsigheann sé cuimhneamh agus críochnughadh. Ghaibheadh bacach an treó so fadó agus bhíodh cleas ealadhanta aige go gcuireadh sé 'n-a luighe ar a lucht féachta go gcuireadh sé trí prátaidhe síos trí bhilleóig an bhúird: cleas glic a bhuaileadh dallamalóg ar shúilibh na ndaoine. An gabha a chuir suas na cruidhte sin bhí a cheárd go healadhanta aige, féach a dheiseacht a's luighid le crúib an chapaill: togha na céirde aige. Tá barr-eólas agam ar Ghaedhealaing agus is oth liom ná fuil eólas ealadhanta agam uirthe: eólas gur bh'fhéidir liom a mionughadh, a léiriughadh agus a scrúdughadh go fairsing, iomlán. Is ealadhanta an long bád fé thuinn: déanta go cliste, iongtach, eólgach.

ealadhantacht: *b.3.* eólgaiseacht, gliocas, clisteacht, aicillidheacht, deaslámhacht (deislámhacht), breághthacht cheárdamhail: taithneamhacht chríochnuighthe. Bhí ealadhantacht ar an inneall oíle do dhéanamh an chéad lá: cuimhneamh agus meabhair chinn. A's sinn 'n-ár ngarsúnaibh ar ráiseannaibh an Daingin fadó, bhímis ag faire ar fhear na hincile agus, dar linn, gur mhór an ealadhantacht do go gcuireadh sé gach duine a thástáladh as an lúib: gliocas agus clisteacht. Le healadhantacht a mhéar chuireadh sé paca cártaidhe i bhfolach 'n-a dheárnain: leis an gcuma thric 'n-a n-oibrigheadh iad. Lé healadhantacht cheart théigheadh sé de léim i ndruim capall: aicillidheacht: luas cuirp. Thógadh an falla san atá annsan le míle go leith bliadhain gan cháim fós le healadhantacht saoirseachta: eólas thar barr. Dearc go maith air, nách taithneamhach an scríobhnóireacht atá ann, nách dóigh ná gur ealadhantacht í: áilneacht iongtach. Téigheann sé dá ealadhantacht é do dhéanamh: dá eólas.

éalang: (éalaing) *b.2.* cáim: locht amus: bac. "Sláinte gan mhairg, gan éalang, a ainnir na mbánfholt réidh" (amhrán) .i. ná raibh locht ná ciotaighe ar bith ort. Mhuise, is agat atá an mhéar (scríobhnóireachta, etc.) gan éalang: cáim, locht. Fuair sé éalang éigin orm gur éaluigh sé uaim: amus: brabúch fartha. Slán mo chómhartha, nár bh'éagsamhail é, go raibh éalang éigin ar gach duine clainne dá raibh aca, lámh chraptha, druinn nó éagcruth éigin mar sin: éislinn: máchail. Is deacair é do thuigsint tá éalang 'n-a ghuth a's ní thagann a chainnt i gceart leis: snag: bac: cosc: tutbhalbhacht. Rud bocht mílítheach, lag dob eadh é go mbíodh éalang éigin in aghaidh an lae air: easláinte. An bhfaghann tu aon éalang im chuid oibre?: aon cháim: rud go bhfaghfá locht orm mar gheall air. Tá éalang a's fiche san aiste seo ní fiú í do chur in eagar: éislinn: cáim: locht. Níor scaoil sé faic as a

lámhaibh riamh críochnuighthe ach rud gan éalang: nár bh'fhéidir do dhíomholadh lé n-a fheabhas.

éalaingeach: *a.* lochtach, máchaileach, easbhaidhtheach: ciotach. Spéaclaidhe éalaingeacha iad so, ní fheicim faic leó: máchaileach: locht ortha a choisceas m'amharc leó. Budh bhreágh an t-adhbhar fir é mara mbeadh an ghéag éalaingeach atá aige, tá sí crapuighthe (de) bhreis ar an gceann eile: lochtach. Cad n-a thaobh ná beifí ag gearán ort nár fhágais do chuid oibre chómh héalaingeach san a's gur caitheadh aithshiubhal uirthe id dhiaidh: gan críochnughadh mar budh cheart: easbhaidhtheach. Éalaingeach mo dhóthain atáim gan úirlisidhe cearta do bheith agam chun obair éalaingeach mar í seo: ciotach.

éalódh: *f.* (**éalughadh**) (*-lóidh 7 -luighthe*) teicheadh i nganfhios: "imtheacht fé thóin" lé grádh pósta nó aontumha: caolughadh as: slighe imtheachta. Thárla go raibh éalódh gen mbainne as an árus so tá sé follamh tréis na hoidhche: slighe fholuighthe chun silte as. Rugadh air agus é ag éalódh le mnaoi fir eile: ghá fuadach i nganfhios. Tá beartha ort anois, níl aon éalódh agat: aon chao ná slighe ar do chosaibh do bhreith leat. Cuan conntabharthach 'n-a bhéal seadh é, mar ná fuil as ach éalódh caol, éadtrom: slighe fágtha: bealach cumhang. Is claoidhte atá sé ó d'éirigh "an méid sin do" (rud éigin náireach ná tubaisteach); is ag éalódh leis féin do bhíonn sé i ngach áit dá bhfeicfeá é: ag seachaint na ndaoine. A ealadhanta agus bhí an mada ruadh ag éalódh leis ameasc an achrainn ón gconairt: ag caolughadh leis: d'iarraidh na gcos do bhreith leis gan é do thabhairt fé ndeara. Rugadh air agus é ag éalódh as an arm: ag imtheacht 'n-a ruathaire. Níl aon tigh peictiúiridhe ná go gcaitheann doras éaluighthe do bheith ann dréir dlighe: doras dos na daoinibh chun fágtha lé linn gábhtair. Ar éalódh bháis a's bheathaidh do scaras leis an dtarbh: ar éigean do thugas na cosa liom. Níl aon éalódh ón mbás: ní féidir dul uaidh. Me ar mo chromadh ag gluaiseacht cois an chlaidhe d'iarraidh éaluighthe ar na géadhannaibh fiadhaine, ach bhíodar róbhraithteach dom agus léimeadar: d'iarraidh teacht ortha i mbéal na séibe: de phras, i nganfhios.

ealta: *iol.* scataidhe, tréada, scaoithe, dreama, clanna. "Ealta brollaigh dom Machtna a's Maonas Ó Néill, Ó Laoghaire na n-arm gcruadh" (an Cailín Donn) .i. clanna dílse dhom. Níl aon teóra lé clúmh na n-ealtan mar leabaidh chodlata: cleitidhe mioneitidhe. Sa gheimhreadh tagann ealta éan annso ag teicheadh ón sioc: scaoithe: mórchuid de shaighiseannaibh éagsamhla. Ní fear gan strus é tá na healta caorach aige: scataidhe. An Mhidhe a's Cill Dara dúthaighe na n-ealtan: mar a mbíonn eadáil a's caoire go hiomadamhail ag ingheall.

éaluighim: *b.a. 7 n-a.* teichim, tréigim: caoluighim liom: fágaim i nganfhios: fuaduighim fé choim. An iongadh an eaglais a's na daoine bheith anuas air, nár éaluigh bean fir eile leis: d'fhuaduigh chun bóthair í. Ní hamhlaidh do cheannuighis riamh an leabhar san, cár éaluighis leat é?: cá bhfuairis an chao ar é chúbláil chughat (ar shlighe éigin ní machtnuightear goid ar an gcuma so). An poillín beag gur éaluigh an t-airgead as mo phóca ní mór go dtabharfá fé ndearna é: gur shleamhnuigh (díreach mar rud beó bheadh d'iarraidh gabháil tríd). Éaluigh! faid a's bheidh eaga agat air, táthar chughat: bailigh (bailbh) leat i ngan fhios, tá do namhaid chughat. Dá fheabhas bhí sé ag faire ar an

gconntabhairt, (agus beir leat nách 'n-a chúl a bhí a shúile) d'éaluigh an bitheamhnach na hearraidhe leis: bhailigh chuige iad le healadhantacht gan aonne ghá fheicsint. Mara leigfidh sibh dom Tadhg do phósadh éalóchad leis: tréigfead mo choimeádaidhthe dleaghthacha agus imtheóchad leis: brisfead an chuing nádúrdha. Ó, Dia linn, táim an-dhéidheannach, d'éaluigh an mhaidean orm: chaith sí léi gan me ghá tabhairt fé ndeara, nó, chodluigheas thar ceart. Éaluigh ar airgead an tseanbhuachalla a's beir leat costas na ráiseanna: tair air go haicillidhe i ngan fhios dó. "D'éaluigh sé uirthe" (rádh) .i. do bhí baint neamhdhlistinneach aige léi. Seadh, dá mhéid d'ól sé riamh, a's budh mhór é, níor éaluigh sí riamh air: ní raibh sé riamh "ar a chaoir": bhíodh a fhios aige cathain bhíodh sé dóthanach. D'éaluigh an t-anam as gan duadh ná tinneas: d'imthigh sé ar nós na coinnle: níor bhraith aonne ag imtheacht é. Is minic minic d'éaluigheas ó scoil: "chuadhas i bpoll ó scoil": sheachnas í a's d'imthigheas ar m'adhbhar féin. Ná héaluigh uaim ar maidin ag dul 'on bhaile mhór, budh mhaith liom sinn do bheith i bhfochair a chéile: ná himthigh gan glaodhach orm nó fanacht liom. Cár éaluigh mo stocaidhe ná faghaim in aon áit iad?: cá ndeaghadar amugha? Ar bhfeicsint mórchuid airgid, éisc nó rud mar sin ná faghtar de ghnáth gan duadh a bhailighthe deirtear, "tá éaluighthe agat air", nó "cár (connus, canad) éaluighis air?". "Ní bhfuairis bás fós?" – "d'éaluigheas go dtí so ach go háirighthe": thugas na cosa liom. D'éaluigh sé ó gach taom breóidhteachta a tháinig 'on pharóiste lé cuimhne na ndaoine: níor bhuail aon cheann aca é. Gach aon uair a chídheann sé me éaluigheann sé uaim: seachnuigheann sé me.

éaluighthe: *a.r.* teichte, teichte gan chead, tréigthe. Cuarduightear gach aon choill tímcheall an phríosúin tá seisear bráighe éaluighthe: teichte. Ar éirghe dhom bhí an t-uisce éaluighthe as an saoitheach, gan braon ar a thóin: imthighthe, silte tríd. Táim gan neart anois, is fada éaluighthe é, níl "brigh an speáin" ionam: séaluighthe: imthighthe. Foluigh in áit éigin na príosúnaigh éaluighthe seo: atá teichte as an gcarcar. "Tá éaluighthe orm sa deireadh", ars an gadaidhe a bhí ag breith na gcos leis ar feadh abhfad nuair rugadh sa bhfoghail air: tá tagtha orm gan choinne ná súil agam leis. Bímis ag cur dínn, beam déidheannach, tá an aimsir éaluighthe orainn: tagtha agus imthighthe ar nós an ghadaidhe gan í do braithstint. Nuair fuaireas go raibh an taoide éaluighthe aníos orm agus é lán idir me agus an míntír ní raibh agam lé déanamh ach cur sa tsnámh: éirighthe gan aon mhotháilt agam air. Ar bhraithstint do a chuid airgid éaluighthe uaidh do thochais sé a cheann agus dubhairt, 'tuilleadh an diabhail chugham nár fhéach rómham féin': scaipighthe go faillightheach.

éaluightheach: *a.* teichteach, sciúrdach, reathach. Is éaluightheach an rud an eachtra: is deacair teacht suas léi. Dá mbeifeá chómh héaluightheach lé mada ruadh tiocfad-sa suas leat: seachantach: aireach ar theangmháil leat. Iasc éaluightheach id ghlaic eascú: is deacair í do choimeád. Cá bhfuil an rud is éaluighthighe 'ná an aimsir? "ní chuireann sí a cos choidhche fúithi": imthigheann sí do shíor gan aon stad agus is deacair cunntas do dhéanamh uirthe dá fheabhas ár ndícheall. Is iomdha rún san ndúlradh tá éaluightheach: ar scrúdughadh dá chruinne a's dá ghéire. Trí huaire d'imthigh sé ó choimhdre gárdaidhe agus cheithre huaire do bhris sé amach as an gcarcar, nár bh'éaluightheach an duine uasal é?: tugtha, abálta ar an gcoimeád do bhí air d'fhágaint. Bitheamhnach ard-éaluightheach dob eadh é, dá mbeadh "rud fé chloich" agat gheóbhadh sé é agus dá mbeadh faire na

gcéadta air ní béarfí i bhfoghail air: i ndán teacht gan braithstint agus an cor do thabhairt dá lucht fartha a's leanta.

éaluightheach: *f.1.* duine a theicheas as ghabhann, ó choimhdre, ó ghéirleanamhaint, ó thóir nó as arm. Tá sé ráidhte go dtáinig na mílte éaluightheach Giúdach isteach go Sasana a's go tíorthaibh eile ón Almáin: daoine a bhí ag teicheadh leó féin ó "ghéirleanamhaint". "Éaluightheach as an arm seadh me, foluightear me, mar má beirtear orm lámhachfar mé": duine a thréig a dhualgas. Lé linn na gorta annso in Éirinn agus abhfad 'n-a dhiaidh chuaidh na mílte mílte éaluightheach ón dtír seo go Mearaice d'iarraidh maireachtaint: daoine a bhí ag teicheadh ó ocras agus ó ghéirleanamhaint. Éaluightheach cliste seadh mada ruadh, is iomdha cor agus cleas 'n-a bholg: ainmhidhe go bhfuil sé de mhianach nádúrdha ann bheith i ndán an tóir do sheachaint trí ghliocas.

Éamonn: *f.1.* ainm duine. An é seo Éamonn?": an é seo an té seo d'áirighthe?: an é seo an té go bhfuil trácht air?: an é seo an té go bhfuil tóir air? Tá sé 'n-a mhaide Éamuinn agat (le doras) .i. maide teann, láidir, daingnightheach.

éan: *f.1.* (*iol.* éanlaithe, éin) ainmhidhe dá-chosach, cleiteach, sciathánach: ainm chineálach don aicme (ealtain) sciathánach. Léim sé ar nós an éin: chómh seólta, éadtrom. "Ní héan mé", deir duine a bhíos ag fagháil leithscéil i dtaobh a mhoille gluaiseachta. Is breágh an fás atá fén aosánach san, "borradh an éin ghé": ag fás chómh tapaidh le goislín (gé). Gheóbhfá a lán uaidh, bí ag brath air, duine atá "chómh fial leis an éan fionn" (seanfhocal): chómh fial leis an gcromán: gan féile ar bith ann: thógfadh gach aon rud go sprionnlaithe a's ní scarfadh le frighid. Éan róin: an rón óg. An t-éan dearg: éan mara: "pearóid" na mara. Éan aille (faille) ach ní héan mara an "préachán coisdearg": lonnuigheann i bhfaillteachaibh ach ní theangmhálann leis an uisce. "An t-éan beannuighthe", a ainm toisc an tsíor-fheacadh cinn a's earbaill. "Éirigh leis an éan agus luigh leis an uan" .i. mochóirghe agus dul a chodladh luath. Ghaibh duine de Shliocht Chobhthaigh (saghas giofóg nó tuinncéiridhe) tímcheall indiugh, shaoileas nár mhair aon éan aca: neach díobh: duine éigin aca a choimeádfadh cothughadh ar rátaidhibh a sean. "Cár chualaís an scéal iongtaiseach so go rabhas-sa ag dul thar lear?" – "ó éan éigin": duine siubhaltach ná hainmeóchaid. "Chómh neamhmairgeach leis an éan ar an gcraoibh" .i. gan faic ag déanamh toirmisc beathaidh dho. Á, is mór an aire gheibheann an leanbh san ó n-a mháthair agus an pheataidheacht, tá 'n-a éan cuaiche aice .i. tugann sí aire agus nidhthe dho ná fuil de dhualgas máthar uirthe. "Éan maith aca seadh é", deirtear lé duine nách beag aige éalódh ar rud chun a bheith aige nó chuireas slighthe neamhdhlistinneacha roimis chun rud do ghnóthughadh. "Má leanann na daoine ar bheith ag fágaint an cheanntair a's gan an óige do bheith ag fásadh is geairrid beidh aonne ann" – "beidh éan éigin i gcómhnaidhe san áit": fothdhuine. Is deas baileach d'fhágais t'iothla, budh chuma leat is dóigh liom dá n-imtheóchadh sí ag éanlaithibh an aoir: béal anáirde: gan fasc ná críochnughadh. Tá sé ag imtheacht ag éanlaithibh an aoir: is féidir le haonne sáthadh chuige: níl a bhac ar aonne cuid de d'árdach leis. Chómh módhmharach le héan i gcois ar chraoibh (sceich): i ngreim a liodán. Siubhal nimhe fén mbád seóil, í ag teacht orm mar bheadh éan: chómh luath, seólta. "Dhá éan do marbhadh leis an aon chloich (urchar)" (seanfhocal) .i. dhá ghnóth do dhéanamh d'aon iarracht.

éanadóir: *f.3.* fear beartha ar éanlaithibh, duine a chuireas suim ionta agus a choimeádas iad. Ní raibh aon éanadóir annso dob fhearr ná t'úncail, thugadh sé gearrcaigh leis as áiteannaibh ná leigfeadh mearbhall cinn do dhaoinibh eile féachaint ortha. Urchar an-chruinn gunna aige, éanadóir maith seadh é: tagaid bog air do lámhach.

eanga: *b.4.* gearradh, mannta i maide. Nuair bhíonn beart mhaith déanta ag duine deirtear, "cuirtear síos eanga eile dho" (rádh) .i. comhartuightear é sin mar ghníomh maith.

eanglach: *f.1.* duine nó rud gan anam: aindeiseóir lé breis feóla. As an slighe dhom, a eanglaigh, ní fhéadfadh aonne aonnidh do dhéanamh agat: a rud aindeis. Ní mór farra corruighe na coise anois ge feóil, tá sé 'n-a eanglach ar fad: duine trom, aindeis míothapaidh. Eanglach ná siubhalóchadh míle 'e bhóthar ar feadh an lae.

eanglais: *b.2.* uiscealach, deoch thanuighthe: marbhán dighe. Eanglais té, eanglais bainne: té ná beadh a dhóthain den "luibh" ar an uisce: bainne bheadh tanuighthe lé breis uisce. An leann dubh atá ag imtheacht anois níl ann ach eanglais: de bhreis ar an saghas a bhíodh ann roim an gcogadh mór fadó: deoch leamh, lag, gan an suiméar ceart. Níor chuir an bhiotáille láidir air lé neart an duine, ach an oiread lé eanglais meidhg: uiscealach meidhg: meadhg bheadh meascuighthe le uisce.

eanglaiseach: *a.* lag, tanaidhe, meascuighthe. Tóg uaim an té eanglaiseach seo nó caithfead idir an dá shúil ort í: an té seo ná fuil ach a rádh go bhfuil a dath ar an uisce. Bainne eanglaiseach a cuireadh chugham ná caithfeá chun muice: bainne lán d'uisce.

éanlaith: *b.2.* (*éanlaithe*) éin i gcoitchinne: scaoithe éan. "Táid chughainn ar nós éanlaith an Earraigh" .i. 'n-a scataidhibh, teasbáinteach mar bhíd an uair sin ag cúplughadh 'sag neadughadh. "Nach é an feirmeóir a chothuigheas gach nidh fiú amháin éanlaith an aoir féin" (rádh maoidhteach).

éaradh: *f.* (*-rtha*) diúltadh; diúltughadh; eiteach. "Ar shroichstint na cathrach, b'anacair dóibh sin/ ní raibh sméideadh ná fáilte i mbéal dóirse/ ach diúltadh, éaradh a's éimeadh ar ósta" (dán): ósta dá chongbháil uatha. "An bpósfair me, a bhaonach?" – "ní bheidh t'éaradh agam, a ghrádh": ní bheidh do chur uaim agam: pósfad thu: ní eiteóchad d'athchuinghe. Gach aon áit gur ghaibheas a's gur loirgeas fuaireas an t-éaradh: séanadh orm an rud a bhí uaim. Budh chuma cá minic a gheobhadh sé an t-éaradh bhí sé chomh teanntásach san go loirgeóchadh sé airís agus airís eile. Níl aon chúis mhaoidhimh bheith ag éaradh a chuideachtan ná a choidrimh, cad tá déanta as an slighe aige ach é bheith bocht: bheith ghá sheachtaint. Trí huaire do bhí éaradh Dé aige: níor admhuigh sé Dia. Ar m'éaradh dhom mhuintir tháinig náire agus aithis orm os chómhair na ndaoine: nuair ná beadh aon bhaint aca liom.

éaraim: *b.a.* eitighim, éimim, diúltuighim. Éaradh me ar lóistín i ngach tigh dár loirgeas, agus b'éigean dom an oidhche do chaitheamh fén ndrúcht: séanadh orm é. Is breágh é a shuidheachán ar neamh anocht, duine nár éaraigh neach riamh ar aonnidh a hiarradh air: nár ob, nár loc: nár eitigh. Faic a mhaireas ní bhfuaireas as an roinnt, éaradh me: níor

tógadh aon chrann díom: dúnadh an tsúil orm. A chumann mo chroidhe istigh, créid ná héarfainn thu ar an saoghal mór: ní chuirfinn suas díot: ní shéanfainn thu. Lucht m'éartha tráth lucht mo shíortha anois: an dream ná féachfadh orm nuair bhíos bocht bíd ag rith im dhiaidh anois go bhfuil rud agam. Éartar rud a hiarrtar nách in aiste, nó go mbeadh buannacht ag duine air trí ghaol etc.; diúltuightear rud a thairngtear lé glacadh; séantar áit, duine etc. rud a thárlaidh nó ráidhte; éimtear rud a dhéanamh le heagla, míothaithneamh, nó gráin; eitightear rud a hiarrtar mar iasacht nó cáirde.

earball: *f.1.* an chuid (ball) is iartharaighe d'ainmhidhe, i bhfurmhór na n-ainmhidhthe ar sileadh go bog leó: cleitidhe iartharach éin: deireadh: an chuid deiridh (de): aon rud a bheadh ar sileadh, mar íochtar casóige: cuid ar easbhaidh: rinn talmhan a bheadh ag imtheacht fé uisce. Bheadh do scéal go han-mhaith ach go bhfuil earball leis ná fuil agat: aguisín: deireadh beag thiar leis. "Connus tá an fear breóidhte an aimsir seo?" – "in earball a shíbhialtachta": ag druideam leis an uain: a lá nách mór istigh. "Scéal i mbarr earbaill atá agat" (rádh): ná fuil brigh ná ciall leis: ná faghann aonne thoir ná thall é. Sid í an tSamhain againn táimid in earball na bliadhna: ag druideam le n-a críoch. Ithtear an biadh so, tá sé in earball a theasa: ní fada uaidh a bheith fuar. "Connus tá an bóthar chun taistil?" – "bog cruaidh ar nós earball na bó": ann as (freagra neamhshásamhach). "Cad dhíolfaidh an cháin seo ar fad?" – "earball na bó báine": an fheirm agus a toradh. Tháinig an bás a's bhuail sé stiall dá earball air .i. d'árduigh sé leis an duine. "An ndeineann an seanduine faic tímcheall an tighe?" – "ní fiú trácht air, tá sé in earball a mhaitheasaidhe": is beag eile atá ann do dhéanamh. Fuair sé an iomad marbhtha tá sé in earball a shíothchána: i ngiorracht don mbás. Oibridhe maith é sin ná fágann aon earball ar a ghnóth: an chuid is lugha gan déanamh. Ná fanfá socair tamall éigin, nár luighidh t'earball ort: nár théighir choidhche chun suaimhnis. Béarfaidh an diabhal sibh leis nó beidh an t-earball agam: cuid éigin de pé rud atá ar siubhal. Gach aon lá riamh agat ach gnóth breallach, bíonn earball do shíor air: cuid de gan déanamh nó gan bheith déanta mar budh chóir. Is é am duit teacht in earball thiar: i ndeireadh na dála: tráth go bhfuil gach rud réidh nó thart. Bhíodar ag iascach ar an earball: ar thalamh tanaidhe amach ó rinn, oileán, etc. Tóg uaim é, ní bheinn ghom bhodhradh féin leat, bíodh sé idir cheann a's earball agat: "idir thóin ceann": é uile go léir. Tá earball caol anois air: ní mór de atá ann. "Fear na bó féin fé n-a hearball" (nuair bhíonn sí ar lár) .i. an té go mbíonn an bhróg ag luighe air tugadh sé aire dhi: ná bí ag brath ar an bhfear thall le linn guaise, téighir féin 'n-a threis nó mura dtéighir "beidh thiar ort!" Níl aon áit go ngaibheann sé ná go bhfágann a's earball salach air: fiacha air. An diabhal go n-imthighidh it earball: pé rud a thug chughainn maran tú an suainseánaidhe: an diabhal go raibh id bhóthar agus ghod stiúradh. Léan it earball: mío-ádh go raibh ort.

earballach: *a.* earball do bheith (ar): gan críochnughadh. Nách earballach d'fhágais do ghnóth, caitheadh aithshiubhal air agus a fheistiughadh dhuit: neambaileach: breallach. Scéal earballach atá agat ní bhainim brigh ná tátal as: scéal dearóil: gan bhun gan bharr. Is earballach an lá agam é, ní thána ar an gcúigeamhadh cuid de: neamhchríochnamhail.

earc: *f.1.* ainmhidhe, muc. "Ag déanamh cróidh roim na heairc" .i. "ag cómhaireamh na sicínidhe sara mbíd gortha" .i. "ag déanamh deimhin ded dhóchas". An bladhgaire amadáin, agus ní measa é 'ná an té a chreidfeadh é, "gheallfadh san na huirc agus na

heairc": gheallfadh sé a dtiocfaidh 'sa dtáinig riamh. Níl tor madra agam ar gach earc agaibh: gach spreasán: rud salach. Tá sé chomh beathuighthe le hearc beag.

earcachán: *f.1.* muicín bheathuighthe: duine cruinn, cothuighthe, beathuighthe: rud (duine) séidte. Stad! is mithid duit do dhóthain do bheith ithte agat, ná dein earcachán díot féin: ná hat tu féin: ná dein muicín shalach díot féin. Siúd iad an scata leanbh go bhfuil rian a gcoda ortha, budh dhóigh leat gur earcacháin iad: slat-mhuca bheadh teann, beathuighthe lé biadh.

éarlais: *b.2.* (*iol.* –sidhe) airgead do thugann ceannuightheóir do dhíoltóir mar chómhartha go mbíonn margadh eatartha. Chuir sé éarlais sa bheithidheach: thug sé a bheag nó mhór d'airgead don té gur leis mar chómhartha dleaghthach go raibh margadh déanta eatartha.

earnáil: *b.3.* rothaidhe, áirnéis. Bhailigh na héaluighthigh leó gach aon tsaghas earnála dá raibh aca: rothaidhe: troscán, etc.: gach aon rud ionaistrighthe. A lithéid d'útamáil a's bhí ar fuaid na cisdeann, gach aon tsaghas earnála fén spéir, dar le duine: gréithre, "an rud so a's an rud súd 'san rud ná feadraís in ao'chor."

earr: *f.3.* ceann, deireadh: feódh: teóra. Bíonn sé ag gabháil de "ó iorr lae go hiorr lae": ó dhubh go dubh. Sin é mo scéal ó thúis go hearr: go deireadh. In iorr aoise budh mhór an tubaist d'éirigh di a raibh aice do shlad: i ndeireadh thiar thall. Ó earr earr na tíre ní bhfaghfá a lithéid de bhitheamhnach: ó cheann ceann.

earrach: *f.1.* céad ráithe go dtosnuigheann an glasradh ar fhás: óige an duine. "Fuacht an gheimhridh a's tart an earraigh" .i. nuair bhíonn an talamh spallta. Níl aon teóra lé maidean earraigh .i. is fuaire go mór í 'ná maidean gheimhridh.

earradh: *b.4.* (*iol.* earraidhe) ball troscáin, adhbhar: sás: clódh (duine). Ní maith an earradh é sin chun aon bhaint do bheith agat leis: droichmhianach: "d'iompóchadh seisean ar nós an deataigh" ort. "Salann a's iarann dhá earradh ná liathann" (seanfhocal) .i. ní chaillid a n-úire. B'olc an earradh do phósais: an clódh duine. B'olc an earradh dhuit aon chruisteach do dhéanamh air sin, droichmhianach a sháthfadh tu chómh luath agus d'iompóchadh sé tharais: mianach duine nár chuibhe dhuit aon bhráig do chur air. Mhuise is maith an earradh é – is iongtach an seasamh do dhein i gcoinnibh. Earraidhe an domhain uile go léir bailighthe isteach 'on tsiopa .i. earraidhe éagsamhla. Is maith an earradh treabhtha an capall san: an mianach treabhtha. Dá mbeadh earradh lé díol agamsa ní chughatsa raghainn: ní bheadh aon tráchtáil agam leat. An earradh daor an earradh .i. is uirthe is mó bheadh do sheasamh.

earraid: *b.2.* (**earrad**) achrann: tuiteam amach: eascáirdeas: imreas: ceannairc: troid. "Má tá an saoghal in earraid linn tá an ghrian ag taithneamh orainn" .i. an saoghal 'n-ár gcoinnibh. B'fhada in earraid lé chéile iad, i ndlighe gach aon lá cúirte mar gheall ar rud éigin: in achrann: eascáirdeas. Ní raghainn in earraid le haonne gan chúis mhaith, cad tá buaidhte ge daoinibh le troid a's imreas, caithtear stad sa deireadh: in eascairdeas: míomhuinnteardhas. Duine tubaisteach é, bíonn earraid i gcómhnaidhe 'n-a dhiaidh:

buadhairt. Chaith an dá atúrnae uair chluig in earraid lé chéile i dtaobh chúig (poinnte) dlighe sar ar réidhtigheadh eatartha: in áiteamh agus in argóint. "Cuirfead earraid idir tu féin agus an mnaoi" (Gen. III. 15): easaontas. B'fhearr leó san an t-earraid 'ná an réidhteach: b'fhearr leó san troid 'ná síothcháin. "Óir san áit 'n-a bhfuil tnúth agus earraid bíonn buadhairt ann agus an uile dhroichghníomh" (Séam. III. 16).

earráid: *b.2.* dul amugha, seachrán, mearbhall, iomrall, tuaiplis: fánaidheacht. Má tuigtear go ndéanfar an rud atá dulta dos na míltibh rómhat is oth liom go gcaithfead a rádh leat go bhfuil do mheabhair ar earráid: imthighthe as a treóir: dulta amugha. Cad a thug ar earráid thu ó Chiarraighe go Cill Dara gan obair gan gnóth: ag imtheacht rómhat. Gaibh agam, is eól dom anois go bhfuilim in earráid: an mícheart do bheith agam. Is mó earráid do dheineann baois na hóige do dhuine, gan brath roimis a's go mbíonn in aithreachas dhóighte 'n-a dhiaidh san: dearmhad. Níl aon rud sa leabhar so ach earráididhe, tá a fhurmhór mícheart: tuaiplisidhe: nidhthe míchearta curtha in ionad gur chóir nidhthe cearta do bheith. Cad é an earráid a bhí ar an gcaptaen gur ghaibh sé tríd an mbealach san atá lán d'fhochaisidhibh: dearmhad breitheamhantais. Tá earráid éigin incheann ag gabháil de go n-imthigheann sé mar sin ó áit go háit ar fán: saobhán céille: meargódh nó roithleán incheann.

earráideach: *a.* dearmhadach, ait, fánach, saobh. Tá breis chéille ag teacht do, ní bhíonn sé chómh hearráideach agus bhíodh, is annamh do chídhfeá ag imtheacht anois é ar cómhthalánaibh, ar ráiseannaibh nó in aon áit do thógfadh ó n-a chúram é: fánach: manaoiseach, faillightheach. Bíodh súil i ndiaidh gnótha an chléirigh, is minic ná tugann sé an aire cheart agus go mbíonn earráideach dá chionn: dearmhadach: botúnach. Fadó riamh sa tsaoghal bhí sé de ghéilleadh earráideach ges na daoinibh, agus tá fós, ná raibh an domhan cruinn: dearmhadach. Duine earráideach seadh é níor bh'fhios duit ón nóimint go dtín uair cad dhéanfadh sé: tugtha do rudaidhibh aite, fánacha do dhéanamh: neamhstuidéartha.

earraidheacht: *b.3.* áis, sochar, tairbhe. Mara bhfuil aon earraidheacht agat dá bhaint as an gcapall san indiugh ar mhisde leat me do bhaint lae oibre as: aon áis, obair. Tóg leat an rothar san agus coimeád é, níl aon earraidheacht agam-sa dhe, tá a mhalairt agam: níl aon ghnóth agam de: níl aon arán agam lé baint as. Ar an méid earraidheachta a bhí agamsa lé baint as níor mhór liom do é: maidir leis an méid áise: an méid ghnótha. Thug an t-éadach san earraidheacht mhaith uaidh, budh mhaith an mianach é: caitheamh fada, buan. Ní mór é m'eólas-sa ar an bhfear, is beag é m'earraidheacht leis: mo ghnóth: mo chonbharsáid. An earraidheacht chéadna do baintear as pheann agus peann luaidhe – scríobhnóireacht: an "úsáid" chéadna. Mara raibh d'earraidheacht agat as ach dul 'on Daingean uair sa mbliadhain ní mór an dochar duit é do chailleamhaint: an fheidhm: an gnóth: an cúram. An maireann sé an neach, an dóigh leat, go leigfinn-se dho earraidheacht do bhaint as m'ainmse chun dochair dhuine eile: feidhm: "úsáid" do dhéanamh di. Nách ar earraidheacht a thugas san duit agus ní chun bheith díomhaoin: chun oibre do bhaint as. Ós agat-sa atá an t-eólas agus nách agam-sa, cuir chun earraidheachta éigin an t-airgead so: chun rud éigin do dhéanamh leis a ghnóthóchadh tairbhe. D'imthigh na báid as earraidheacht annso nuair theip an t-iasc: níor deineadh a thuilleadh gnótha leó. Fuair san

an iomad earraidheachta, agus a rian air is é atá go caithte: cuireadh an iomad gnótha air: baineadh breis a's a cheart feidhme as.

earraigh: *gein. a.* ag baint leis an earrach. Scéal earraigh a bhí agat go bhfuair Mícheál bás, mar is é atá 'n-a bheathaidh shláinte: ráfla bréagach: neamhfhírinneach.

éarthach: *a.* diúltach: doichilleach: neamhfhéicheamhanta fé chuid. Dhéanfadh sé i bhfad níos fearr gan faic do bheith caillte aige leis dá mbeadh gan é bheith chómh héarthach mar dhíolfadh sé breis: neamhéascaidh chun cáirde. Daoine stóinsighthe, éarthacha, treabh leó féin, go ndúnfadh a gcroidhe ortha, dá mbudh dhóigh leó go mbeifeá ar tí loirgthe ortha: séantach: eitightheach. Ní scarfaidh san lé n-a chuid chómh bog san, duine éarthach seadh é: seachantach ar an nidh a thugas uaidh. Peacach éarthach ná hadmhóchadh creideamh ná cléir: diúltuightheach. Fuair sé bás éarthach ar Dhia agus ar an síorraidheacht: ní admhóchadh go rabhadar ann.

eas: *b.3.* ainmhidhe beag tímcheall sé n-órdla ar faid, earball dhá órdlaigh, a mhaireas ar fhranncaigh, luchaigh, caocháin, éanlaithe, a's mar sin. Leig dom féin léi, ó "lá mo mharthain" níor bhuail a lithéid d'eas mná liom, chuirfeadh sí seilidhe lastuas díot lé droichmhianach: bean nimhneach, lasánta, ghomhamhail. An cailín sin, nách í an eas í, ar chualaís an freagra grod do thug sí ort?: gearradh-labharthach: alpach: teanga fhaobharach, bhearrtha aice. Eaisín: bean bheag nó cailín beag gur deacair cóstáil léi lé n-a lasántacht a's a géire teangan.

easair: *b.5.* tuighe, cáith, aiteann, fraoch, craobh, raithineach nó a lithéid do cuirtear mar leapachas fé ainmhidhthibh: rudaidhe scaipighthe mórthímcheall go manaoiseach, mar blodhtacha, blúiridheacha nó trufais eile: mionramh. Féach ar m'iothla tréis na hoidhche, gan stáca lé n-a chéile innte ná go bhfuil 'n-a easair stollta soir, siar ged chuid stuic: mar bheadh tuighe a chuirfí fé ainmhidhthibh: laitighthe maidir lé haon earraidheacht ithte do bhaint as. Bailigh isteach fén gcapall an easair do gheobhair tímcheall an choca a's na stácaidhe: na suip fhánacha: léasacha a imthigheas as an bhfurra (foráiste). Ná creid aonne go raibh barra maith coirce ann, budh gheall lé heasair é: cosamhail le léasachaibh a chuirfeá mar leapachas. Bailigh an easair anois den úrlár: an tsmúit a's pé rud eile de mionramh atá ann. Déanfaidh an dream cuthaigh seo cosair-easair díot, mar taoi rómhaol, rómhacánta dhóibh mara gcuirir cochall ort féin chúcha: gheóbhaidh siad lastuas díot: pasálfaidh siad thu. Dheineadh na tighearnaidhe talmhan cosair-easair de thríontaidhthibh na hÉireann, chuiridís pé cíos ortha budh mhaith leo, agus chaithidís amach iad ar chliathán an bhóthair nuair thagadh a dteadh air: phasálaidís iad: dheinidís leo (go holc) mar dob áil leó féin. Deir Sasana go bhfuil an Pór Almánach go léir 'n-a gcosair-easair ge Hitlear, go gcuireann ortha aon rud dá olcas agus dá aite do dhéanamh: go bhfuilid fé dhiansmacht aige gan cead a dtola. Gearánaid na Pólaigh go ndeárna Arm na Gearmáine cosair-easair dá dtír pé áit dár ghaibheadar: gur laiteadar gan mhaith, gan tairbhe é. Maith ar bith ní bheadh agat dul i gcomórtas leis siúd atá chómh hantréan, gheóbhadh sé de chosair-easair ionat: dhéanfadh sé minmheilt díot: chuimileóchadh sé "sop a's uisce dhíot": dhéanfadh sé "cuimil an mháilín" díot. A Mhuire! Is annsúd do bhí an biadh 'n-a easair!: go flúirseach: lé cur i mbrógaibh. "A lithéid d'fhear ní bhfaighfí go rófhuraiste lé

fulang agus neamhcradhscalaighe, riamh, riamh ar ganntanas bídh a's easair in ionad leapan: suip a's léasacha.

easaonta: *b.4.* achrann, ceannairc, deighilt, neamhréidhteach, earrad, scaramhaint, míomhuinnteardhas. B'fhuraiste gabháil ortha nuair bhí a dtreasa ithte ge heasaonta agus spiaireacht, ach dá seasuighidís guala ar ghualainn bheadh malairt scéil ann: ceal coimeád lé chéile. An t-iasachtaidhe i gcómhnaidhe an sás chun easaonta do dhéanamh: scaramhaint. Dar le mórán ná bhfuil easaonta na n-aos idir Shasana agus an Fhrainnc dearmhadta agus gur cóimheagla roim an nGearmáin atá ghá ndlúthughadh de chion na huaire: neamhréidhteach: briseadh muinnteardhais: namhadaidheacht. Chídhim ar na páipéaraibh go bhfuil easaonta ameasc treas airm na Rúise – más fíor - agus go bhfuiltear ag caitheamh ón aer ar chuid aca nách fonn leó troid in aghaidh na bhfinngheinte: achrann: cullóid agus clampar: círéib. D'éirigh easaonta éigin idir mhuinntir na cuallachta, níor réidhtigheadar i dtaobh an cion ceart airgid ó gach duine aca agus mar sin níor tosnuigheadh riamh an obair a bhí 'n-a gceann aca: ceal cur lé chéile. Ar easaonta féin bheith eatartha déarfá go réidhteóchaidís lá adhlacadh a n-athar: deighilt mhuinnteardhais.

easaontach: *a.* neamhréidhtightheach, míomhuinnteardha, scartha, deighilte, círéibeach, clamparach, imreasánach. Sa deireadh bhí na hiascairidhe chómh clipighthe sin ag easaontach ar "gach aon chuma go dtí ambáireach", ná faghadh sé neach a raghadh ar an muir leis – buachaillidhe easaontacha an pharóiste seo ná réidhfidís chun buidhean peile, oidhche rinnce ná cuirm ceóil do bheith aca: dealuighthe: malairt aigne eatartha. Is iongadh connus ghaibh treabhacha easaontacha na hIndia Móire lé chéile go ráinig Sasana eatartha chun síothchána agus réidhtigh do dhéanamh lé gunnaidhibh: treabhacha a bhíodh i mullach a chéile: i ngreim mhullaigh a chéile. Is mór gur easaontaighe daoine tréis fear teasardhan ná roim ré: gur lugha a muinnteardhas dá chéile. A thúisce a deimhnigheadh ortha gur shaighdiúiridhe easaontacha iad a bhí ag scaipeadh ceannairce ameasc an airm tángthas agus crochadh iad: go raibh fonn ortha deighilt do dhéanamh. D'fhill an ceann urraidh abhaile nuair chonnaic sé an ghraimirisc gur hiarradh a dtreórughadh, b'easaontach leis iad chun dul 'n-a mbun, gach aonne aca a's a órdughadh féin aige: deighilteach: gan aon teacht lé chéile ná táthughadh ortha. Formad mór agam leat, is subháilceach é do shaoghal, gan neach in easaontach leat: neamhmuinnteardha leat.

easaontas: *f.1.* neamhmuinnteardhas; neamhréidhteach, deighilt: clampar, imreasán. "Mhairbh duine aca an duine eile airéir" – "Á! Dia go deó linn, sin mar tá ag an easaontas riamh": an tuiteam amach: an clampar nimhneach. Ná cuirfeadh an dearbhadh so, ó ló go ló, a chloisimíd ar an gcraolachán, ná fuil aon easaontas idir riaghaltas Shasana agus na Frainnce, ag machtnamh thu go bhfuil giobadh beag éigin eatartha: eascaradas: neamhmuinnteardhas .i. go bhfuilid síothach, grádhach, "ag pógadh a chéile". Mo chómhairle dhuit, tóg í nó ná tóg í, an tigh sin d'fhuathughadh, cúis easaontais idir lánamhain óig an tighe seadh thu: mioscas: achrann: buadhairt. D'éirigh easaontas idir fhuirinn na luinge, bhuail cuid aca a chéile agus a thuilleadh dhiúltaigh d'oibriughadh, b'éigean iad do chur in iarnaidhibh: bruighean, achrann, easumhlaidheacht a's stailc, clampar coitcheann.

easaontughadh: *f.* (*-ighthe*) ceal, diúltuighthe, do dheighilt: clamparughadh, do scaramhaint. B'fhearr liom, agus b'fhearr d'aonne, mo thuairm, sibh d'fhágaint béal na gclár ná bheith ag easaontughadh libh, óir do threóróchadh sé chun troda: gan bheith ag moladh gach ruda libh. An t-easaontughadh d'éirigh idir a chlainn b'é budh bhun lé n-ar fhág a n-athair d'ionmhas aca d'imtheacht le haer an tsaoghail, leigheadar cuid mhaith sa dlighe agus chaitheadar furmhór na coda eile go rabairneach: imreasán: an ceal claoidheachtainte le chéile i muinnteardhas. Lucht easaontuighthe budh bhun lé n-ár gcur ar gcúl, ní thiocfaidís linn ar aon rud a bheadh chun ár mbaile: lucht deifridheachta tuairme.

easaráil: *b.3.* do dhéanamh easrach: do phasáil go mion. Cuir amach na cearca as an iothlainn táid ag easaráil na háite: ag tarrac léas as na stácaidhibh a's ag scríobadh leó a's ag lat. I ndiaidh na heasarála ar fad go raibh sé ag gearán air ní raibh beart coirce laitighthe: an phasáil: an laitiméireacht.

easarálaim: *b.a.* déinim easair de: déinim mionramh d'arbhar etc. Ghaibh na ba tríd an eórnain ó cheann ceann an ghuirt a's d'easaráladar é: ghabhadar de chosaibh ann: níor fhágadar oireamhnach d'aonnidh é, ach mar adhbhar leapan. D'easaráladar an coirce in ionad a ithte, pé cáim do fuaireadar air: stracadar as a chéile é fé n-a gcosaibh.

easargain: *b.3.* búrdáil: bualadh trom: ár, gliadh, fothrom. Dubhairt an dochtúir ná raibh pioc de ná raibh dubh, gorm, ó bheith ag gabháil air, fuair sé an oiread san easargana uatha le bataidhibh, dóirnibh a's lascáil: búrdáil ghráineamhail. Fuair sé an oiread san easargana leis an gcána ón máighistir gur chuir sé laige dhe ar úrlár na scoile: smísteáil: bualadh thar meón. Tríd an easargain go léir a's a rug de shuathadh a's de chlampar air b'é iongtas an domhain é go rug sé na cosa leis: ár a's clampar. Bhailigh na tuinncéiridhe idir fhear, bhean a's leanbh 'n-a thímcheall ag béicigh air a's ghá stialladh ó thalamh, i lár na heasargana tháinig na gárdaidhe chun a thárrthála: útamáil: dul trí chéile fiadhain, fíochda.

easartha: *a.r.* fé easair: tuighe, aiteann, sceacha, raithineach, geitridhe, etc. scaipighthe, riartha ar úrlár, mar leapachas ainmhidhe. Glan amach ródh na mbó agus an t-eachlann, agus chómh luath agus bheidh easartha agat beir isteach na hainmhidhthe: nuair bheidh leapacha cóirighthe agat dóibh, etc.

easbhadhthach: *a.* ganntarach, gábhadhtarach, "siar", fé cheal, teastamhnach. Cuireadh dlighe throm ar an ngáineálaidhe easbhadhthach do bheith in earraidheacht aige, ní thugadh sé an tómhas leó d'aonne: iad bheith éadtrom dréir chaighdeán na dúthaighe. B'easbhadhthach, dubhach an Nodlaig agam í, gan aon rud suaithinseach seachas aon lá eile den mbliadhain. An easbhadhthach ataoi go bhfuilir ag gearán ar do chantam?: "siar": ar leathtrom. Thárlaidh crioth talmhan san Turcaigh an tseachtmhain seo agus tá airgead agus gannaidhe dhá chur ag mórán tíortha chun an phobail easbhadhthaigh: iad so tá gan biadh, gan éadach, gan baile. Dubhairt an táilliúir liom go raibh an blúire éadaigh a thugas chuige chun culaithe do dhéanamh dom easbhadhthach, nár mhór dom breis d'fhagháil: gearra: ceal air. Is fearr dhúinn breis do bheith againn ná bheith

easbhadhthach: beith gan dóthain ár ngnótha. Bochtáin dob eadh riamh iad mar ná raibh an déanamh ionta ná aca, de dheascaibh an chogaidh is easbhadhthaighe anois 'ná riamh iad: ní mór go bhfuil faic le n-itheadh aca ná luid ar a ndrom: is mó an ceal atá ortha. Sin leabhar ar stair na hÉireann atá easbhadhthach, níl aon trácht ann ar Sheachtmhain na Cásca: bacach: breallach: dítheach: neamhiomlán. Is easbhadhthach an chistin í, níl leathdosaon árus innte: níl a comhthrom gnáth díobh innte. Ná cas liomsa bheith easbhadhthach má táim ar leathláimh: díth baill beatha do bheith orm. Má bhíonn máille nó ball ar iarraidh bíonn an t-iomlán easbhadhthach: gearra: siar: ciotach. Nár leigidh Dia go mbeadh m'anam bocht easbhadhthach an lá déidheannach: neamhoireamhnach.

easbhadhthach: *f.1.* duine go mbeadh ceal air. Naoidhe déirce an t-easbhadhthach: an té ná bíonn an rud aige agus é ag teastáil uaidh, is cuibhe é do thabhairt dó. Is mó easbhadhthach gur bhain sé an t-ocras agus an tart de: duine a bhí i ngábhadh. Me ag imtheacht im easbhadhthach bróin ag brath ar charthanacht an duine thall: duine go raibh mórchuid in éagmais air. Mhóidigheas go ndéanfainn easbhadhthach de ar an gcuma dhochaiseach go mbíodh lé bochtaibh agus tháinig an lá air go raibh sé ag lorg a dhéirce féin: duine a bheadh i ngábhadhtar bídh etc. Fuascailt na n-easbhadhthach agus furthacht na gceasnuightheach, is breágh an tslighe chun Dé í: fóirthint do thabhairt ar an té go dteastóchadh uaidh agus combáidh do dhéanamh leis an té go mbíonn cúis bhróin aige. Thugadh sé deoch go flúirseach do gach easbhadhthach tartmhar a bhuaileadh 'n-a threó: don té go dteastuigheadh uaidh go dian.

easbhaidh: (**easba**) *b.4.* ceal, éagmais, gábhadh, ganntar. Níl aon easbhaidh sa tsaoghal orm, buidheachas lé Dia, mo dhóthain lé n-itheadh a's le n-ól agam, leabaidh mhaith chodlata, a's togha na sláinte: ceal. Níor fhan a dheilbh san éadach ó imthigh easbhaidh na mná air: ó éag a chéile. Brathaim easbhaidh an pháipéir laetheamhail orm: díth. Chaill sé a sparán ar shráid an Daingin a's bhí sé ar easbhaidh céille ar séirse ghá lorg thoir thiar: nár bh'eól dó i gceart cad bhí dhá dhéanamh aige. Ná mairbh tu féin lé hualach a chuirfeadh thar do riocht thu, táir gan iomarca gan easbhaidh: ualach ann as: dóthain do ghnótha. Bíonn duabhais an diabhail orm i gcoinnibh an aoird le heasbhaidh análach: giorra: saothar. Go méaduighidh Dia thu, tá go leór agam, gan fuigheall gan easbhaidh: gan aon rud thart ná aon rud ar teastáil. Aon lá bheadh easbhaidh airgid orm tá a fhios agam ná héarfá me: ná beadh déanamh mo ghnótha agam de. "An nidh atá d'easbhaidh ní féidir a áireamh" (Ecc. I. 15). Aonnidh amháin atá d'easbhaidh anois orainn chun iascaigh – bád, tá an fearas a's adhlainnidhe eile an iascaigh go léir againn: atá uainn: nách féidir liom déanamh gan é. Caithfead dul go dtín táilliúir tá easbhaidh éadaigh orm: tá ceal éadaigh orm nó teastuigheann malairt éadaigh ar feabhas uaim. Ag fagháil bháis do d'fhág sé a chlann gan easbhaidh: dhein sé soláthar maith dhóibh i gcóir na haimsire le teacht. Pé duine go mbéarfaidh easbhaidh air gurb ort é, maran ort atá an chnáimhseáil agus an t-eagla: pé duine go mbeidh díth air etc. D'imthigheas ar easbhaidh as an mbaile: an rud a bhí uaim d'fhágas gan é. Léan air, níor leathrud leat é duine do dhéanamh ruda le heasbhaidh ach an té go raibh fuighleach, cá bhfuil a leithscéal?: an té go dteastóchadh uaidh. Caithfeadsa géilleadh, táim ar easbhaidh codlata lé dhá oidhche: ní dheárnas aon chodladh. Níl easbhaidh cainnte air: bíonn breis agus a dhóthain lé rádh aige: níl aon ghábhadh le cainnt anois: tá go leór di déanta. D'easbhaidh me bheith ann do thárlaidh an rud so: toisc gan me bheith ann. Déanfad dá easbhaidh: coimeád agat féin é, a ruidín

shuaraigh: gan é bead chómh maith as. Det easbhaidh bheimís an-chiotach: gan tu do bheith eadrainn. Cuirtear sagairt tar lear mar a bhfuil easbhaidh an chreidimh: an áit ná fuil críosdaidhthe. Is mó easbhaidh dhéanfadh an cogadh so: báiseanna.

easc: (**eisc**) *b.2.* féith, srothán i bhfaill: máchail. Faill beárnaisc (beárna + eisc). Seachain ar easc an bhogaigh nó raghair ar lár go bolg ann: an fhéith: ceachair. Cloisim mórán daoine ghá mholadh a's ghá mhóradh lé méid a chroidhe, is oth liom ná fuil san lé rádh agamsa 'n-a thaobh, ní bhfuaireas easc riamh air: aon áth: bogaireacht: buigéiseacht. Annsan aníos ar an easc do thagann na bradáin ar an abhainn seo: sruthán tríd an gcladach. Bóthar gránda le taisteal, árdáin a's easca: laga: claiseacha.

éasc: *f.3.* máchail, scruig; ionad lag in aon rud, in ainmhidhe nó i nduine a bheadh go maith seachas san. Éasc an tslabhra a neart: ní bhíonn de bhuancas ná d'fhulang ann ach an lúb is laige. Mara mbeadh an t-éasc bheith 'n-a chodladh ann, ní thabharfadh sé náire dho féin lé rud chómh sprionnlaithe do dhéanamh: an míodhúthchas: an droichthréith. Cuarduigh go maith an téad san ar eagla aon éasca bheith innte sara dtéighir 'n-a treis dul i bhfaill léi: ball nó blúire dhi bheith máchaileach: ná fuilngeóchadh an strus mar an gcuid eile dhi. B'fhéidir ná beinn-se ag feitheamh leis an éasc d'fhagháil ionat, go dtabharfainn fút gan tuilleadh machtnaimh: an treó dhíot gur fusa tú do ghortughadh. B'fhéidir ná féachfainn-se mar a bhfuil an t-éasc ionat: ná beinn ar m'aire d'iarraidh an bhaill mharbhthaigh ionat do sheachaint. I gclár an éadain atá éasc na bó: an ball gur fusa í do mharbhadh ann. Gheóbhair éasc an tsnáithín i gcómhnaidhe mar a mbíonn an scruig: an ball lag san áit ná bíonn snighte taithigeach a dhóthain. Is cruaidhe le briseadh an chloch so 'ná an diabhal féin, ó n-a tóin ceann ní bhfaghfá aon éasc uirthe: ball lag nó bog.

éasca: *b.* (*éisce*) an ré: an ghealach. Thug sé éasca go raibh an ceart aige: dhearbhuigh sé.

eascach: *a.* bog, féitheach, uisceamhail. Caithfear an talamh eascach so do dhiúgadh sar ar féidir curadóireacht air, tá sé báidhte: bog, creathach. Bealach eascach ó Mhullach Bhéal go dtís na Gleannta nár bh'fhuraist do thaisteal: bog, fliuch, lán de chlaiseachaibh, guthaidh a's uisce: dúilidheacht uisceamhail.

eascach: *f.1.* talamh bog mar bheadh talamh sléibhe. Gheóbhair an naoscach i gcómhnaidhe ar an eascach, bíonn sí ar a dúil ann: is é is dual di.

éascaidh: *a.* tapaidh, mear, pras, féicheamhanta, fabhrach: séanamhail: soghluaiste, gníomhach, toilteanamhail, réidh, ullamh; líomhtha, aerach. D'fhonn rothanna na trucallach do bheith éascaidh ní mór a gcomhthrom smearaidh do chur fútha: soghluaiste: saor gan bac. An cainnteóir, dar liom, is fearr dá gcuala riamh uchtach láidir aige agus sruth éascaidh labhartha gan faillighe nóiminte: líomhtha, reathach, soiléir. Céim níos éascaidhe ní fheaca ag coisidhe riamh, is gleóidhte mar bhuaileann sé bóthar, ná brisfeadh ubh fé n-a shatailt: éadtrom, seólta: soghluaiste. "Is éascaidhe neóin ná maidean" (seanfhocal): is fusa teacht ar rud i ndeireadh an lae 'ná é d'fhágaint ambáireach: is fabhraighe nó is séanamhla. Bí éascaidh, a chailín, a's b'fhéidir go bpósfadh duine éigin thu: bí mear, gasta i mbun do chuid gnótha. An peann so agam is é is neamhéascaidhe dar scríobhas riamh leis, an diabhal féin ní bhainfeadh aon cheart de: doghluaiste:

neamhlíomhtha: deacair do chur sa tsiubhal. “Céaca b’éascaidhe dhuit dul ’on Daingean indiugh nó ambáireach?” – “indiugh mo thuairm seadh is neamhchúramaighe mé”: is caothamhla, fabhraighe. Capall éascaidh ar bóthar: tapaidh: féicheamhanta: ná hiarrann mórán tafanta ná lasc. Ní mór ná gur bh’fhearr liom gan an charthanacht neamhéascaidh d’fhagháil: ná geóbhfí léi ach lé righineacht nó do-chroidheacht. “Inghean na máthar éascaidhe adhbhar na hóinsighe” (seanfhocal): .i. is gnáthach gur b’é dán inghine na mná críochnamhla do bheith leadhbach, breallach. B’fhearrdide thú do bheith it thost leath do shaoghail, tá do theanga ró-éascaidh dod thuigsint: táir claon ar rudaidhibh aite do rádh gan chiall do chaitheamh leo. “Téighimís go léir ann, cad mar gheall ort-sa, a Sheáin?” – “táim-se éascaidh leis”: toilteanach. Ní bheinn ró-éascaidh, ar fad, ar fad lé rud do dhéanamh go mb’fhéidir go mbeinn in aithréachas ’n-a dhiaidh so: toilteanach: fonnmhar. Fear ionmholta seadh é go deimhin síor-éascaidh ar mhaith a chómharsan do dhéanamh: i gcómhnaidhe réidh, ullamh. Chaith sé an léim dob éascaidhe dá bhfeacthas riamh sa dúthaigh seo, níor ghéaruigh aonne riamh uirthe: budh shia, budh sheólta. A’s an chú díreach ar tí a srón do chur fén ngirrfhiadh thug sé cor éascaidh gur scaoil tharais í: casadh grod, taithneamhach luais. Léigheann sé go héascaidh eagnach: líomhtha, ciallmhar: go soiléir, reathach gan aon tuaiplis. Lé seachtmhain anois tá dútaidhe im chnámhaibh, brathaim an-neamhéascaidh iad mar bheinn ceangailte den dtalamh: neamhsheólta, trom, aindeis ’n-a n-áis. B’éascaidhe leis rud do bhronnadh air ’ná é do thuilleamh é féin: b’áiseamhla: b’acraighe: budh chaothamhla: b’oireamhnaighe, budh neamhdhuaibhseamhla. Fuaireas cao éascaidh ar dhul ’on bhaile mhór, tháinig gluaisteán suas liom a’s tugadh síob dom: cao sheascair, luath, oireamhnach.

éascaidheacht: *b.3.* mire, tapamhlacht, luas, “siubhal” mór, soghluaisteacht, líomhthacht, furaisteacht, sócamhlacht, athlámhacht: grodacht, toilteanacht: deónacht. Léimeann sí, an bhó bhradach chéadna, cladhthacha a’s gleannta lé héascaidheacht eilite: chómh héadtrom, seólta, lúthmhar. Mo mhairg a’s mo bhrón mór go raghadh ’on talamh is sid í an gluaisteán gan éascaidheacht, deich míle a héasc: gan soghluaisteacht: neamhtheacht aniar. Lé n-a n-éascaidheacht i láimhseáil a ngunnaidhe bhíodar rómhaith dá namhaid, chaithidís a seacht n-oiread piléar leó: luaitheacht is prasacht. D’imthigh sé uaim le héascaidheacht cóich gaoithe a’s budh bheag mo dhul ar theacht suas leis: leis an siubhal mór céadna: luas nimhneach. Éascaidheacht an duine fé ndear me bheith beó indiugh, ceangailte, teanntuigthe fén dtrucail dom ach b’air siúd budh ghearr an mhoill me d’fhuascailt: tapamhlacht chun ruda ghéibhinnigh do dhéanamh: neamhliostacht. Budh mhóide do pheaca éascaidheacht na mná: fonn géillte. Ní fheacaidh an bhean bhocht an taobh istigh d’fhallaidhibh na scoile riamh, ní bhfuair éascaidheacht dul uirthe, mar bhíodh gnóth ag baile dhi: cao gan duadh: cabhair chónganta. Beidh barra maith ar an dtalamh, tá éascaidheacht tabhartha sa chré: tapamhlacht: mianach tabhartha. Ní fada choingbheóchaidh súd ag feitheamh leis sibh, éascaidheacht ar fad seadh é: tapamhlacht. B’é an duine é go raibh an éascaidheacht ag baint leis, bheadh sé ar ghlaodhach nó gan glaodhach in aon áit go dteastóchadh a chabhair: féicheamhantacht: toilteantas gan tafant. Gheóbhfá an nidh atá uait agus fáilte dá dtagtha in éascaidheacht ach teacht i gcuim oidhche níl aon dul air: in am thráth: ar uain thráthamhail. Aon rud a theastóchadh uait a’s go mbeadh ar a chur thabharfadh uaidh le héascaidheacht croidhe: fonn: gan doicheall. Chuirfeadh éascaidheacht a úrlabhra ag tabhairt óráide uaidh aoibhneas a’s soilbhreacht ar do chroidhe: líomhthacht, flúirse agus binneas. Mo léan dóighte níl aon

éascaidheacht ag baint lé sean-Ghaedealaing, is í atá go casta, achrannach, doimhin: sonaoideacht. Ní har éascaidheacht a chos a bhí an fiadh ag cuimhneamh nuair bhí sé ghá gcáineadh ar son a bheann, ach ar a gcaoile: an luas a bhí ionta chun é do sciobadh ón gconairt. Molaim t'éascaidheacht chun bídh: an neamhleisce é do thabhairt uait. Réidhtigheann éascaidheacht an bhóthair leis an seanchapall so: ní baintear aon bharrathuisle as: réidheas, sleamhaine, uachtar maith gur furaiste gluaiseacht air.

eascaine: *b.4.* mallacht, drochghuidhe: oirbhire. Ag caitheamh eascainidhe (eascainidhthe) leis an ndream a mhairbh a mac, ag glaodhach ar Dhia agus ar Mhuire droichíde do thabhairt dóibh: mallacht: ag guidhe uilc dóibh. Is iomdha eascaine do dheineas ort léd neamhéascaidheacht gan bheith in am: ar buile leat a's it fhógairt soir siar. Ná tabhair eascaine d'aonne ar eagla do mhallacht do thuiteam air: ná guidhidh olc ná díoghbháil d'aonne. Leig sé eascaine as a chuirfeadh gráineamhlacht ar do chuid fola: thóg sé ainm Dé gan adhbhar. Cuir i gcás eascaine uathbhásach seadh, "mallacht na heagailse (eaglaise) ort" do rádh, nó "go dtógaidh an diabhal leis thu" etc. Eascaine na hEagailse go dtugtar ort: oirbhire: guidhe go n-éirighidh olc duit: coinnealbháthadh. Fuair an t-Ochtmhadh Hannraoi eascaine an Phápa toisc dlighthe na heaglaise do réabhadh: a ruagadh as an eaglais. Níor scar eascaine an tsinnsir liom, peacuighim ar nós chách: an oidhreacht pheacamhail d'fhág an chéad athair a's an chéad mháthair againn. Focal eascaine níor chuala riamh amach as a bhéal: drochghuidhe ná glaodhach ar Dhia gan adhbhar. Nár thuitidh t'eascaine ar neach maran tu an badhbóir: do ghuidhe a's do mhian duine do dhul go holc. Ag spalpadh eascainidhthe mar bheadh tuinncéir ar an bPoc (Aonach an Phuic): drochchainnt a's drochghuidheanna. Beir do chuid eascainidhthe leat in áit éigin eile: ná bí ag raideadh drochghuidheann annso ná ar aonne annso.

eascainighe: *b.4.* d'athchuinghe nó d'éigheamh uilc do thuiteam. Stad de bheith ag eascainighe orm, is mó de chuid an diabhail ionat féin: ghom thiomnadh don áidhbheirseóir. Ní h-aon eascainighe dhom tú do thabhairt don diabhal, mar is é rómhór atá tuillte agat: aon ghuidhe as ceart nó i gcoinnibh Dé. Bheadh sí ag eascainighe ar an sagart chómh maith a's bheadh ort-sa, ná tóg aon cheann di: ní fiú biorán a cuid drochghuidhtheóireachta.

eascainighim: *b.a. 7 n-a.* malluighim: tugaim drochghuidhe dho: tiomnuighim d'olc a's d'urchóid. D'eascainighis orm me do bháthadh: ghuidhis in ainm Dé san. Gach lá dá n-éirigheann dá leabaidh eascainigheann me bás obann d'fhagháil: guidheann sé ó n-a chroidhe chun Dé gurbh í sin crích do thiocfadh ar mo shaoghal. Eascaineóchair fós an lá do cheanglais páirt leis an drochchomplacht san, mar cuirfid an tinn ort: tabharfair do mhallacht do: ní bheir buidheach de. Eascainighim air go dúthrachtach, ach cad é an mhaith sin, bíonn sé chómh dána agus bhí sé riamh: tugaim mo mhallacht a's mo dhrochaigne dhó d'iarraidh é do chosc.

eascáirdeach: *a.* namhadach: gan cáirde. Ná bí chómh heascáirdeach san liom, ná labharfá leis na daoinibh: neamhmuinnteardha. Cómharsain eascáirdeacha ná coidrigheann a chéile a's ná tabharfadh cabhair ná cóngnamh dá chéile. Tá Sasana a's an Ghearmáin níos eascáirdighe anois ná bhíodar riamh, ag cómhrac a chéile go binbeach a's ar an gcraolachán ní ag craobhscaoileadh tréithe a chéile do bhíd: ró-namhadach.

B'eascáirdeach an bheart duit – rud ná déanfainn-se leat-sa – gabháil tharm ar bhóthar fhada a's gan marcaidheacht do thabhairt dom: neamhmuinnteardha. B'shin í an chuaird eascáirdeach cuaird an bháille: an turas nár thug taithneamh ná subháilceas léi. Duine iasachta san áit mise, táim eascáirdeach ameasc na ndaoine ann: gan daoine muinnteardha.

eascáirdeamhail: *a.* namhadach, nimhneach, neamhmuinnteardha, falantach. Thug an mháthair chéile súil eascáirdeamhail ar inghin a mic a chuir 'n-a thost í: súil go raibh míothaithneamh ag glioscarnaigh innte. Fuaireadar dúthchasaigh na háite chómh heascáirdeamhail sin, ná déanfaidís coidreamh ná muinnteardhas leó, go mbídís ag faire d'oidhche ortha chun a marbhtha: falantach: namhadach. Aon rud a luadhfainn bíd eascáirdeamhail leis, ar an bprap éirighid 'n-a choinnibh: in easaontas leis: fuathmhar do. Aonne amháin dob eadh na cearrbhaigh go léir, thaobhuighidís lé chéile im choinnibh-se, an t-aon iasachtaidhe ann, agus d'imirighidís orm, dá thagairt go rabhadar go heascáirdeamhail: neamhchineálta: gan léidhe ná taithneamh dom. Ní déarfar choidhche gur treabh eascáirdeamhail Éireannaigh lé daoinibh tar lear: ná bíd muinnteardha, lághach, cainnteach, comaoineach.

eascáirdeas: *f.1.* deighilt caradais nó muinnteardhais: namhadas: neamhthláithe. Deineann an teanga shuainseánach eascáirdeas ameasc daoine muinnteardha go minic, go gcuireann go dubh in aghaidh a chéile iad: namhadas: drochaigne eatartha. Ní maoidheamh dom a rádh ná fuil eascáirdeas agam d'aonne, níl éad, formad, ná sainnt agam i gcuid aonne ná ag aonne dhom: díth muinnteardhais: ceal subháilcis coidrimh. Aonne ní fhéadfadh an t-eascáirdeas do leigheas eatartha, tá an iomad déanta aca ar a chéile: an tuiteam amach namhadach, drochaigeanta atá eatartha. Ní ar "fige fiodha" do scarann bean agus fear ach le heascáirdeas: ceal ceana: gráin.

eascal: *f.1.* stoirm, spéirling: drochaimsir chullóideach: déine: duabhais. Budh mhaith an rud san gaoth mhór do bhreith ar luing ach eascal nár fhág pioc anairte gan a réabadh 'n-a ghéiridhibh a's 'n-a ghiobail: stoirm fhiadhain, uathbhásach. Léas ná gas ná sop níor fhan 'n-a sheasamh leis an eascal aniar-dtuaidh: gála thar na beartaibh. Níl eascal ná teascal ná gur chuir sé dhe go cródha, aonarach a's níl a rian indiugh air: drochshaoghal agus broid mhór.

éascamhail: *a.* tapaidh, mear, fonnmhar: neamhleisceamhail. Á! is mise a bhuailfidh go héascamhail (cártaidhe): go fonnmhar, gan puinn mhór mhoille leis. Bí orm go héascamhail ar maidin agus ná bím ag braithteól ort: tráthamhail, tapaidh, gan bheith ar fionnraighe. "Cá bhfuil an ghaoth indiugh?" – "ar fuaid an bhaile go léir!" anois dar leis gurbh éascamhail an freagra é sin: fáidheamhail: géarchúiseach: glic. Is éascamhla go mór fé n-a theangain Séamas ná Fear dorcha, baineann sé an bonn i gcómhnaidhe, agus na péacanna do thugann fé chuirfidís na clocha glasa ag gáiridhe: go prap bíonn freagra nó carbhall glic bascuightheach aige dho. "A Phádraig", ars an sagart, "níor cheart duit bheith ag gabháil ar an asal, sin é d'iomchair ár Slánuightheóir" – "A mhúirnín", arsa Pádraig go héascamhail, "dá mbeadh so aige ní shroichfeadh choidhche í!" .i. chómh tapaidh le "tial!" .i. chómh luath agus bhí an chainnt as bhéal an tsagairt. [Pádraig Ó Freállaigh agus an tAthair Ó hAodhgáin an lá bhí inghean Phádraig ag pósadh ar an

mBuailtín, bhí Pádraig agus "Góibil" Ó Ciabháin athair cleamhan Phádraig ag rás lé n-a chéile ar dhá asal.]

éascamhlacht: *b.3.* féicheamhantacht: neamhleisceamhlacht: fusacht, grodacht: lánluathacht. Ar éascamhlacht a fuair sé an nead b'fhuraist aithint go raibh a fhios aige cá lonnuigheadh na fiolair ar an oileán. D'aithnigheas ar éascamhlacht a shín sé a lámh chugham go raibh fáilte aige rómham: a luaitheacht: an t-achar gearra thóg sé uaidh: an fhonnmhaireacht a bhí air. "Taithnigheann éascamhlacht na bhfreastalaidhthe annso liom", ars an bolgadán ocrach, "ní leigid duit ocras do theacht ort idir gach aon dá chúrsa": tapamhlacht a's prasacht chun a gcúraime do dhéanamh: bheith ar "an bhfód" sara nglaodhtar ortha. Mara mbeadh a éascamhlacht d'fhreagair an sagart an glaodhach broideamhail bheinn san uaigh anois: a thapamhlacht a's tháinig sé chun mo thárrthála a's fóirthint do thabhairt orm.

eascaoin: *a.* neamhcheannsa: borb. Labhair sé chómh heascaoin sin léi agus ise chómh mín, támáilte gur chuir a ghoirgeacht ag gol í: éadtláith: gan soilbhreacht: neamhmiochair. Ní cóir bheith eascaoin le leanbhaidhibh, is furaiste uabhar guil do chur ortha: neamhmín: neamhthais. Iomchar eascaoin dob eadh striapach do thabhairt ar mhnaoi: iomchar ró-mhío-mhúinte. Daoine eascaoine iad chun aon bhráige do chur ortha, níor bh'eól duit connus iondrabhálfá iad: daoine tuaisceartacha, aite.

eascaoine: *b.4.* neamhcheannsacht, buirbeacht, tuathalacht. Eascaoine na cainnte nár thaithnigh liom, níor bh'áil liom iad ag achmhusán a's ag tarrac na tuile thar n-a chéile: buirbeacht: neamhmíne: neamhthaiseacht. Bliadhanta ó shoin dá dtéigheadh tuata isteach in oifig puist nó stad traenach budh dóichighde 'ná a chéile ná faghadh ach eascaoine, slaimh a's alpadh in ionad déanamh lághach: borrachas a's drochmhúineadh: goirgeacht.

eascaoineas: *f.1.* míomhúineadh, buirbeacht, goirgeacht. An t-eascaoineas a fuair na cailínidhe aimsire ó bhainisteóir an tighe ósda, ghá síorghiobadh a's míoshásta leo, ní fhéadfaidís broic leis, d'fhágadar 'n-a ndíorma: neamhmíneacht: láighcheacht: cineáltas. Eascaoineas a chómhráidh léi do chuir an teicheadh uirthe: bhí sé ag labhairt go neambanamhail léi: buirbeacht.

eascar: *f.1.* ag fás i gcraoibh: péacadh: ag préamhughadh: ag síoladh: ag teacht ó: léim: tuiteam d'ainmhidhe. Baineadh eascar aiste agus teilgeadh ar bharr a cinn agus pléascadh a cloigeann: leagadh de chapall í. "Cad bhain an t-eascar as nuair leagadh é?" (rádh): cad budh chúis lé n-a theilgean as dhruim capaill? Is geairrid go mbeidh an coirce sin ag eascar: craobh ag teacht air: an chuid de go mbíonn an gráinne ann. Déanfair fear maith fós, lé cóngnamh an Tighearna, tá eascar maith fút: fás tapaidh agus leathnughadh. D'eascar mhaith é sin, ná cuireadh sé aon iongadh ort fear groidhe do bheith ag déanamh de: de shliocht bhríoghmhar. San earrach anois beidh gach fás ag eascar: ag péacadh: ag cur buinnidhe nuadha amach.

eascara: *b.4.* (*-rad*) namhad: duine neamhmuinnteardha. "...agus do sheasuigheadar ar son a anama, agus fuaireadar ciúnas ar son a n-anama agus do mharbhuigheadar dá n-eascáirdibh seachtmhóghadh agus chúig míle, acht níor leagadar a lámha ar an gcreich"

(Estear IX. 16) .i. iad so a bhí ’n-a gcoinnibh. An diabhal eascara an anama: an té a bhíos do shíor ar thí a dhíoghbhála. Idir charaid is eascharaid bhíodar ’n-a shochraid: bhí na sluaighte ann.

eascartha: *a.r.* fásta go hiomlán. Tá deireadh eascartha aige: tá sé lánfhásta. “Cad é an t-aos a bhí agat nuair cailleadh do mháthair?” – “ní fheadar ach tá a fhios agam go rabhas eascartha”: go raibh aois fir agam: fasta ar fad. Dá mbeadh a chlann súd eascartha dhéanfadh sé rómhar agus branair: éirighthe in aois.

eascarach: *f.1.* an bunach garbh do baintear den líon tréis é do tharrac trís an dtaisteal: féar fada marbh gan suiméar: aon rud a fhásas tar meón gan puinn nirt ná maitheasa: adhbhar gan mhaith: fáslach (duine). Eascarach gan anam a bheadh sa tslighe ort ag déanamh gnótha: spreasán mór neamh-anamamhail. Léan air mar thalamh ní féar d’ainmhidhe do bhíonn ar eascarach ná buailfeadh ceann aca a phus air: féar fada, bog gan scabhárd. Déintí ceangail chaorach d’eascarach an lín: den rud garbh ná cuirtí chun anairte do dhéanamh. Níl ar an mbaile seo ach scata sprionnlaithe eascarach ná raibh faic ag aonne dá muinntir riamh ach an méid atá déanta aca féin go cam ar mhuinntir na tuaithe: fáslaigh: duine a éirigheas go hobann chun saidhbhris, cómhacht, tábhacht.

éascas: *f.1.* beódhacht, féicheamhantas, soilbhreacht, anamamhlacht, scléip, meidhréis, buacacht. Is mór go léir an t-éascas grinn atá ann, ó bhuailfeadh leat go scarfadh leat ní bhíonn ’n-a bhéal ach seódh a’s subháilceas. Lán d’éascas, ní ’n-a dhuirc do bhíonn sé, ach go gealgháirteach, fáidheamhail: de bheódhacht: anam a’s spirid ann. Budh dheacair dom an lámh uachtair d’fhagháil air siúd in áiteamh, an iomad éascais aige dhom: an iomad deisbhéalaidheachta: róphras, róghonta dhom. Ceal éascais teangan is air ná fuil sé: tá a theanga ar a dheis féin aige: ní raibh an freagra pras, gonta riamh in easbhaidh air. An t-éascas ar fad do ghabhann le braoinín dighe: anamamhlacht, beódhacht, subháilceas a’s meidhréis. Cuireann ceól aoibhinn éascas croidhe air, corruigheann a chosa chun rinnce is meidhréis.

eascradh: *f.* (*-cartha*) “cómhrac”, do ghluaiseacht. Bhuail sé chugham isteach a’s bheannuigh go tláith, taidhbhsigheadh dom gur aithnigheas an ghuth ach aon tuairm aithne níor thugas do féin, ní bhfuaireas amharc ceart, mar eascradh lae a’s oidhche bhí ann: cómhrac, an chrónträth: an fainne-sholas a bhíos ann tamaillín tréis fuinneadh gréine agus roim éirghe gréine: cómhrac lae a’s oidhche. Chonnac an namhad chugham ar eascradh lae: “fuinneoga” (breacadh) an lae.

eascraim: (**eascaruighim**) *b. n-a.* lingim: péacaim (péacuighim): gabhluighim: cuirim amach: scéithim, bláthuighim, borraim: síolbhruighim (ó). Righthe a’s flaithe an treabhachas gur eascaras-sa (eascaruigheas) uatha: gur shíolbhuigheas: b’iad súd mo shinnsear. Cad as gur eascaruighis anois, aon choinne ní raibh againn leat, níor shaoileamair go rabhais beo: go dtáinighis chómh tapaidh gan súil leat. Eascaruigheann an lá go maith air sara n-éirigheann sé, bíonn furmhór a gcúraim déanta ge n-a chómharsanaibh: éirigheann a’s leathanuigheann sé. D’eascair an mhaidean orainn ’n-ár leabaidh luachra ar mhaoilinn an chnuic, bhí an ghrian go hárd nuair dhúisigheamair: “d’aosuigh” sí: chuaidh chun oireamhnaighe. D’eascair an chruithneacht

ródhéidheannach agus craobh thruaillighthe a bhí uirthe chun aon tortha cóir do thabhairt: scar sí amach ’n-a mionléasachaibh ’n-a barr, agus bhí déasa róbheag. Níor eascair an truaghán le mochóirighe agus dianobair ’n-a óige dho: níor bhorr sé: níor fhás go nádúrdha: deineadh stalca dá asca nádúrdha. Eascaróchaidh ár dteanga fós ach an aire cheart do thabhairt di agus an saothar riachtanach: fásfaidh agus fóirleathanóchaidh sí ar fuaid na tíre. Is maith tortamhail d’eascair an crann san, os cionn céad troigh, agus nách iad a shlisneacha go bhfuil an fhairsinge fútha: d’fhás, bhorr a’s mhéaduigh. Eascaruigheann sceacha go flúirseach sa Ghleann Dearg, ní mór go bhféadfá siubhal tríd aca: fásaid, borraid agus rathuighid go flúirseach.

eascú: *b.5.* (*-con, -cún*) iasc faidchorpach ar chosamhlacht nathar nimhe go gcroiceann reamhar bog ’n-a bhfuil na gainnidhe go doimhin doiléir: slibire duine: duine sleamhain, lúbach, cam. Eascú fharraige, eascú abhann. Bó bhradach a bhí ar nós na heascún agat: caol: a gheóbhadh trí aon tsaghas cosanta, díreach mar shleamhnóchadh an eascú féin trí ladharachaibh. Deacair le breith air agus deacair le congabháil, an sleamhnánaidhe sin, ar nós na heascún: lé n-a chamasghal agus a chuid lúbarnaghala. Nách maith cothuighthe an chuma atá air, a chroiceann ar nós na heascún: glan, sleamhain, mín. Labhair go réidh íseal nó cloisfidh sé tu, tá “éisteacht eascún” aige: “chloisfeadh sé an féar ag fás”: éisteacht an-ghéar: cluas le héisteacht i ndáiríribh. Bheadh súd rómhaith do Phísín, eascú fir, ná bainfeadh Dia ná duine a bharr (bharra) dhe: lúbaire cleasach, cealgach nách féidir comhthrom do bhaint de.

easláinte: *b.4.* drochshláinte, d’aiste gan bheith ar fóghnamh: breóidhteacht: éiglidheacht. Easláinte mar leathscéal aige ná féadfadh sé obair throm mar í do dhéanamh: ceal folláineachta cuirp: bheith galarach: gan bheith i ndán rudaidhe do dhéanamh is dual don gcorp daonna ar chuma iomlán. Bíonn easláinte éigin, slaghdán, dathacha, tinneas builg, nó diabhal éigin ag gabháil don síománaidhe chéadna gach aon lá éirigheann sé dá leabaidh: an duine neamhanamamhail so bíonn gearán éigin cuirp air. Cad tá ag teacht liom? ó, tá, a chroidhe, easláinte an chuirp: lagachar: éiglidhe: gan an déanamh ná an fulang is dual do.

easláinteach: *a.* breóidhte, neamhfholláin, lag, dearóil. Seanduine bocht, lag, easláinteach gan áird seadh me anois, cé go rabhas tamall acfuinneach, láidir, deaghshláinteach: gan ionam gnóthaidhe fir do dhéanamh trí mheath mo chuirp. Breóidhte? ní headh in ao’chor, ach easláinteach, níor mhór do suaimhneas agus atharrach aoir: ceal folláine atá air. Biadh níos easláintighe ’ná té agus plúr do shíor gan aon annlann níl lé fagháil: neamhfholláin, ná téigheann do bhail an chuirp.

easlán: *a.* breóidhte, dearóil i sláinte. B’fhada easlán ar a leabaidh do, b’fhuraist aithint nách fada bhéarfadh na cosa leis: lag: dearóil: gan tapa cuirp. Níl sé, mar déarfá, breóidhte, ach tá sé easlán gen gcois bhriste: níl lúth a ghéag aige mar bheadh ag duine ná beadh iomard sa tsaoghal air. Riamh tá complás (coimpléas) easlán aige, bíonn gearán nó galar éigin in aghaidh an lae air: aiste chuirp lag, dhearóil. Nárb easlán duit, a dhuine chóir: go rabhair ar fheabhas.

easlán: *f.1.* duine ná bíonn ar fóghnamh. Seómra fé leith é seo do tógadh d'easlánaibh chun a ndeighilte ón gcuid eile den ósbuidéal mara mbíonn lucht fiabhrais: daoine a bhíonn ann as: tamall go maith a's tamall gan bheith go maith. Easlán dearóil dob eadh riamh an rí a's ní mór an chuid a bhí aige i gcúraimidhibh an stáit: rí ná raibh láidir, foirtil: gan sláinte chosamhail.

easlánuighim: *b. n-a.* téighim chun deireadh, tréigim, éislinnighim. Ón lá a marbhuigheadh a mhac go hobann d'easlánuigh sé a's níor fhan maith ná brigh ann: chuaidh sé chun deireadh 'n-a neart. "D'easlánóchadh aonne ar an mbiadh so", ars an dochtúir, "níl sé oireamhnach do mhadra": raghadh aonne chun laige a's dearóile air.

easmailt: (**easmuilt**) *b.2.* cáineadh, achmhusán, imdheargadh: tarcuisne: táir. "Easmailt a's ár gach lá go dúbalta" (amhrán): meas neamhfabhrach go raibh aige. Nuair fhág sé an paróiste lean easmailt gach aonne mar gheall ar an ndroichdhéanamh do thug sé don gcailín deighmheastamhail: milleán agus mímheas. Easmailt ní bhfaghfá ó aonne mara mbeadh do mhí-iomchar: bheadh meas agus urraim duit, in ionad san níl agat ach aithis, agus míothaithneamh. Beir leat faid bheidh puth anáile ionam, agus lúth im géig ná leigfead d'aonne easmailt do dhéanamh díom, beiridís a gcuid magaidh chun duine éigin a fhoidhneóchaidh leó: cleithmhagadh: fonmhóid agus dímheas.

easmalaim: (**easmulaim**) *b.a.* masluighim, "bearraim", cáinim: casaim rud le, tugaim mío-onóir do. D'easmail sé go gráineamhail nuair dubhairt sé nár thugais cabhair ná cóngamh don ngábhtarach riamh – rud nár bh'fhíor: cháin sé sa mhícheart thu. D'easmail sé lém aghaidh me, thug sé gach aon ainm budh mheasa 'ná a chéile orm, ná raibh maith ná brigh ná misneach agam: thug sé táir agus dísbeagadh dhom. Easmalóchad tu, a spreasáin, ná raibh de mhisneach agat do bhéal d'oscailt dod chosaint féin, a mheathtaigh: cuirfead mímheas agus táir ag daoinibh ort.

easmaltach: (**easmailteach, easmuilteach**) *a.* droichídeach as béal: cáinteach, tarcuisneach: masluightheach. Teanga easmaltach ná cómhnuigheann ach ag tromaidheacht a's ag libhéal go bréagach ar a chómharsanaibh: ghá gcáineadh: ghá ndíthmholadh: ag tabhairt droichtheiste ortha. Sheirbheáil an dochtúir é i dtaobh scéalta easmaltacha do scaipeadh air gur mhó do chuir sé 'on chré ná thóg sé, a's ná tháinig riamh ar cuaird ná go mbeadh ar stealla-mheisce: masluightheach: do scaipeadh teiste a chuir mímheas air 'n-a cheanntar. Clódhbhuaileadh tuairisc easmaltach i bpáipéar áirighthe go raibh beatha míriaghalta, droichiomchair dhá chaitheamh agam: díoghbhálach dom chlú agus dom cháil. An bhféadfadh aon rud bheith níos náirighe, níos easmaltaighe ná droichbhean do thabhairt ar mháthair dhuine: is táire: is easonóraighe.

easna: *b.4.* (*iol.* –naidheacha) ceann des na cnámhaibh a chuireas amach aniar ón gcnámh droma: géagán: beannán. "An bhfuil gaol agat leis?" – "ní fada ón easna agam é": tá gaol go geairrid agam leis. "Cad é do chómhgas leis an mnaoi seo go bhfuilir chómh mór 'n-a páirt?" – "easna dhíom seadh í": tá sí tagtha dem shliocht. An corr-easna: an ceann is sia síos. Bhuail an diabhal fén gcorr-easna me agus chuir ar lár me: in áit go bhfuil éasc sa chorp. Connus gheóbhfá airgead mór ar an ainmhidhe a's gan puinn (ar) os choinn easna aige: gan aon chothughadh (fheóil) air. Rug an oiread san oibre orm ag obair i muileann

iarainn i Mearaice gur stracadh na heasnaidheacha: oibrigheadh thar mo riocht me. Fágfaidh do dhroichbhearta easnaidheacha tinne agat mara dtréigir iad: díolfair go daor asta. Easnaidheacha an bháid: na hadhmadaidhe a thagas tímcheall a tóna ó fhorbhórd go forbhórd (gunail). Nuair thuilleann duine moladh deirtear, "mo dhá ghradhain t'easnaidheacha": mo ghoirm thu. Bain as t'easnaidheachaibh anois é: dein a bhfuil ionat: ná fág puinn "i dtóin do shnighte": ná coigil pioc ded neart. Ní heól dom neach de Mhuinntir Mhurchadha ná raibh 'n-a shochraid, easna den dtreibh gach donn duine aca: bainid go léir leis an dtreabhachas céadna. "Cé hí an bhean í sin?" – "sin í m'easna-sa": mo chéile. Easna lé treabhachas galánta é sin: duine díobh, anthábhachtach: mór lé rádh. Cuir fét easna é sin (biadh nó deoch) agus is fearrde thu é: caith é sin.

easnamh: *f.1.* ceal: easbhaidh: ganntanas: giorra: neamhiomláine: gann(a)chúis. Tá easnamh ar an bplainnín chun casóige do dhéanamh: níl go leór de ann, ach tá easbhaidh plainnín ar an dtigh: níl aon phlainnín. Déanfam 'n-a éagmais plainnín ó tá bréid dá ionad againn: déanfam ár ngnóth gan é: cuirfeam an bhréid 'n-a ionad. Bhí easnamh scillinge orm as phúnt agus ar m'anam, a bhuachaill, ná faghainn an earradh: bhíos an méid sin siar dá luach. Fear gan aon easnamh i rith a shaoghail dob eadh é: bhí a dhóthain mór des gach aonnidh a theastuigh uaidh aige. B'ait an fear thu, ó bhí fút féin gur fhágais aon easnamh ort féin, nár thógais mar budh mhaith leat: ceal: giorra: gan oiread do bheith agat a's do theastóchadh. "Is aoibhinn liom é do bheith le rádh agam", ars an t-aire, "ná fuil aon easnamh ar an dteacht isteach (béas) ón dtobac ambliadhna seachas anuiridh": aon dul ar gcúl. Féach ar an scríobhnóireacht so, tá easnamh ann, ní féidir liom aon chiall do bhaint as: tá focail éigin ar lár. Tá easnamh uisce ag teacht leis na buaibh sa spalladh triomaigh seo, níl aca ach tobairín beag: cur siar: ceal a ndóthana: gann(a)chúis. Sin fear nár fhág aon easnamh (dighe) air féin indiugh, tá grogaidhe dhá baint as, tá an oiread san caithte aige: d'ól sé an méid a fhéad sé. Pé easnamh a bhéarfaidh ort cuimhnigh orm-sa agus fóirfead ort: tráth n-aon go mbeidh aonnidh ar iarraidh uait nách féidir leat déanamh dá cheal, etc. Tóg an méid sin, chúig phúint, agus tabharfad an t-easnamh (deich scillinge) dhuit lá eile: an méid díreach do shlánóchadh a bhfuilim i bhfiachaibh agat. Nuair chuaidh an siopadóir ag cómhaireamh a chuid airgid sa taisceadán fuair sé easnamh gcúig bpúnt air, a bhí árduighthe leis ag duine des na cléirigh: an méid sin de dhíth air. "Nár leigidh Dia go mbeadh aon easnamh ar t'anam an lá déidheannach, ná ar aonne a ghoillfeadh ná fhóirfeadh orainn" (rádh): ceal leórghnímh do bheith déanta id pheacaidhibh agat.

easnamhach: *a.* gearra: "siar": neamhiomlán: dítheach. Ambó! nár fheicimíd riamh thu ach easnamhach mara dtagair leis an bpingin eile beir gan aon arán sa tigh seo: gearr den iomlán. Tháinig mo bheartán chugham go heasnamhach, bhí trí nó ceathair d'earraidhibh ar iarraidh as: an méid do cuireadh ann níor shroich sé me. An corcán easnamhach so ar uisce connus bheirbheóchaidh prátaidhe ann: ná fuil a chomhthrom uisce ann. Tá an fear bocht easnamhach, mhuis, cad do bhain an leathchluas de, ní fheadar?: ceal baill beatha air. Beir easnamhach i gcabhair na bhfear atá ar an gcnoc má hithtear an bhallóg san: ní bheidh a gceart aráin aca.

easómóid: *b.2.* mímheas, mío-onóir. As easómóid dom do shuidh sé im shuidheachán: chun a chur in iúil go bhféadfadh sé do dheánamh agus mímheas do chur orm i súilibh

dhaoine eile. In easómóid dá athair a's dá mháthair chuaidh sé thar a gcrois a's chuaidh in arm Shasana, a's an ghráin mhairbh acasan: mío-onóir: chun aithis do thabhairt dóibh. An bhféadfadh sí breis easómóide do thabhairt dá fear 'ná é féin agus a gclann do thréigean a's imtheacht le "luidín" fir: aithis: náire. Labhairt go hathumhalta le haonne, cad eile é ach easómóid: gan an meas atá ag dul do do thabhairt do. Easómóid do Dhia seadh gan a aitheannta do choimeád: mío-onóir.

easómóideach: *a.* mímheastamhail, mío-onórach. B'easómóideach an rud do labhairt ó lár an phobail leis an sagart ar an altóir: d'fhoillsigh sé ceal na honóra do bhí ag dul do agus dá ionad. Leanbhaidhe easómóideacha ná déanfadh "lán a mbaise" ar a muinntir ach ag leanamhaint a dtola féin: neamhurramach: neamhchóimhlíonadh dualgais clainne. Chuiris iongadh orm bheith chómh heasómóideach a's freagra grod do thabhairt ar dhuine a fhiafruigh rud díot go mín, béasamhail: gan múineadh. B'easómóideach liom gan tor do thabhairt air, cé ná raibh sé tuillte aige: níor mhaith liom an méid sin neamhshíbhialtachta do theasbáint do.

easonóir: *b.3. 7 5.* (*-rach*) mímheas: aithis phoiblidhe: náire shaoghalta. "Ní haon easonóir bheith bocht" (rádh): ní cúis náire d'aonne san. Fuair sé easonóir ar a bhriseadh ón arm le meathtacht ar pháirc an bhuailte: náire phoiblidhe: míochlú. Ag tabhairt easonóra dhom máthair gur ghadaidhe í: ag rádh ruda do bhéarfadh mímheas uirthe ameasc a lucht aitheantais. B'easonóir leis lámh do chur i spreasán fir mar é: budh lag liom é mar ná raibh mo dhíol d'fhear ann. Cad bhí le fagháil aige in aon áit dá ngeóbhadh sé ach easonóir tréis scéitheachtainte ar a ghualaidhthibh: mímheas: neamhurraim: fuath agus aithis. Budh thruaillighthe an radharc é ag tabhairt easonórach dá thír ghá cáineadh os cómhair a namhad: ag caitheamh táire uirthe: ghá masladh: ghá dímheasadh. Ná tabhair easonóir dot athair ná dod mháthair: bí umhal dóibh.

easonórach: *a*. míomhúinte, mímheastamhail, aithiseach, tarcuisneach, cáinteach, masluightheach. Rud easonórach seadh bean d'imdheargadh, is cuma cad é a lochtaidhe: gan an urraim fhearamhail do bheith dhi. Ná labhair easonórach i bhfiadhnaise ban, ná tagair dá luathinntine ná dá laige: mímheastamhail: gan galántacht. B'easonóraighe liom rud do thógaint ó dhuine bhocht 'ná ó dhuine shaidhbhir: b'aithisighe: budh náirighe. Is easonórach an bheart a lochtaidhe do chasadh le duine 'n-a thigh féin: míomhúinte. Dubhart leis go rabhas ar tí an tighe úd do cheannach ar shuim áirighthe, tháinig go heasonórach fé thóin agus cheannuigh ar deich bpúint breise é: gníomh náireach, cam ná féadfadh aonne a rádh go raibh galánta, díreach. Tá gníomh meathtaigh, easonórach déanta agat do bhean do bhualadh: gan meas.

easonóraighe: *b.4.* d'aiste easonórach. Easonóraighe airgid do chúbláil chuige féin ó lucht a adhmanais do bhris a chroidhe ann nuair thuig sé i gceart méid a chortha: náirighe: mímheastacht. Easonóraighe? níl a lithéid ag baint leis, fear níos dírighe 'ná níos galánta níl ar t'eólas: ceal cáile uaisle aigne: árd-mheanman. Dá fheabhas a bhí sé féin, dá ghalánta bhíodh easonóraighe a dhreathár a thug príosún le coir do-ainmnighthe ag goilleamhaint air: aithiseacht: deargnáire.

easonóruighim: *b.a.* cáinim: aithisighim: náirighim: éilnighim: éignighim. Chuaidh sé i ngiorracht poinnte an bhioráin do me do lámhach, cheap sé gur me d'easonóruigh a inghean a's bhí marbhadh duine air: a éilnigh í: a rinne cumaisc neamhdhlistinneach léi. Easonórfad ar bhain liom, mar olc ortha - níl aon rud is measa 'ná a chéile ná go ndéanfad: náireóchad 'n-a mbeathaidh iad. Is beag é meas aonne ar an té a easonóruigheas a fhocal dearbhtha: ná cóimhlíonas é: a théigheas 'n-a chois. Sin é, easonóruigh mise, tabhair ainmneacha orm os chómhair na ndaoine: tabhair íde dhom ná fuil tuillte agam chun mo mhasla.

easonórughadh: *f.* (*-uighthe*) do thabhairt easonóra nó dímheasa. T'easonórughadh bréag do chur ort ná aon rud do chur id leith "ní dhéanfainn ar chapall": drochcháil do chur ort. Ag easonórughadh do mhuinntire ataoi ó bhís "i gcóta na cabhlach" agus tá tamall annsan anois, rud níor dheinis ortha, a gcómhairle níor ghlacais, ach ghá gciapadh lé dailtínteacht: gan an urraim a dhlighis dóibh do thabhairt dóibh. Ag easonórughadh Dé, ag obair ar a lá beannuighthe gan dul chun teampaill ná aifrinn: ag tabhairt aithise dho: ghá mhasladh.

easórdughadh: *f.* (*-uighthe*) dith riair críochnamhlachta, achrann: neamhréidhteach, míghléas. Is baoghalach go gcaithfear an seanchlog so d'eagar, tá easórdughadh air ná coimeádann sé an t-am: míghléas: míthreoir: máchail. B'éigean fios do chur ar na gárdaidhibh chun an easórduighthe d'éirigh ar an gcruinniughadh nuair chrom an dá chomplacht iomaidheachta ar a chéile d'ionnsaidhe: an t-achrann: an t-imreas. Náire budh cheart d'aon bhean tighe cistin easórduighthe mar í sin do bheith aice, ná fuil faic cúláisteach, caothamhail, innte: gach rud ar neamheagar: gan chríochnamhlacht. Easórdughadh an domhain uile a chuaidh ar mo dharudha nuair chuaidh an eascú air, chas sí agus d'athchas í féin ar losna a's ar stoc: achrann: míréidhteach: creapall.

easpag: *f.1.* iarna: fáisceán: taiste: lúb: saghas glais a théigheas suas uaidh féin: greim cómhlann. Cuir cipín sa tsádh chun ná héireóchadh an t-easpag a's go n-osclóchadh an doras: an lúb go mbíonn oscailt innte chun dulta isteach ar an sádh. D'imthigh an ceann d'easpaig mo mhála bóthair agus mar sin ní fhanann dúnta, táim clipighthe aige: ceann an ghreama a théigheas isteach 'on ghlas. Dá mbeadh easpag ar do bhéal b'fheárrdide t'anam é: glas a choimeádfadh ó bheith ag eascainighe thu nó ag táinseamh.

easpog: *f.1.* reachtaire, feitheóir, feadhmanach i mbun anaman ar cheanntar áirighthe dá ngairmthear dóiseas nó fairche: saoiste spirideálta. An scéal san atá cloiste agat ní chreidfinn ó easpog an dóisis é: scéal doichreidte. Tá dóthain easpuig de chapall fút, a Athair Tomás: togha capaill. An lá céadna cuireadh fé láimh easpuig sinn: a coimhdaingnigheadh sa chreideamh sinn. "An peaca dhom é do dheánamh?" – "ní mise an t-easpog": níl aon ughdarás cléire agam.

easrach: *a.* lán de shopaibh a's de léasachaibh. Is easrach í t'iothla i ndiaidh na gcearc: tá sé réabtha, scríobtha, pasálta aca.

easruighim: *b.a.* clúduighim lé tuighe, féar raithineach, aiteann nó a lithéid. Easruigh tigh na mbó (ródh na mbó) ní fhéadfadh aon ainmhidhe luighe ann lé fliuchán agus

salachar: caith tuighe nó a lithéid air. D'easruigh sé an chistin lé gach aon trufais, budh mhar a chéile dhuit do bheith innte nó i stábla: scaip sé salachar a's blodhtacha ar a fuaid.

easumhal: *a.* dána (in aghaidh): neamhthoilteanach, neamhéascaidh, aimhriarach. Toisc ár gcéad shinnsear do bheith easumhal do Dhia a's gur itheadar an t-ubhall thar a chrois ruagadh as Ghairdín Pharathais iad: ná déanfaidís a thoil. Dá ndéanfá coda beaga dhe, ní raghadh sé ar scoil, nách easumhal an garsún é: diúltuightheach do ghéilleadh: ceannairceach. Asal b'easumhla (easamhlaighe) 'ná é ní fheaca ag tuinncéir riamh, teine dhearg do chur leis ní chorróchadh cos aige: righin, daingean, dána, dúr, doghluaiste. Buidheach 'o Dhia nár chaill an tÉireannach an spirid easumhal do Shasana i rith na mbliadhan: neamhghéillteach. Easumhal a dhóthain a bhí sé ag teacht, níor thguas aon mheidhréis ná scleóndar fé ndeara air: righin, mall: neamhfhéicheamhanta, neamhéascaidh. Ghéilleadar don namhaid go heasumhal dronn dímheasa ar gach duine aca: go haindeónach: i gcoinnibh a gcos a's a dtola: b'é an scian tríd an gcroidhe leó é. "An ndeineann do leanbhaidhe rud ort?" – "is go heasumhal é": go neamhthoilteanach. Tá sé de dheallramh indiugh ort go bhfuil aigne easumhal agat, cé chuige go bhfuil doshástacht anois ort: neamhshocair: ar tí catha a's cómhraic do chur ar a luighead cúise. "Uime sin, a Rí Agrafa, ní raibh easumhal don dtaidhbhse neamhdha" (Gníomhartha XXVI. 19): do ghéilleas do. As a bheith easumhal dá lucht feadhma tugadh "bata a's bóthar" do: gan rud do dhéanamh ortha mar theastuigh a's d'oir dóibh.

easumhla: (**easumhalaidheacht**) *b.4. 7 3.* neamhghéilleadh, neamhthoilteanas: neamhéascaidheacht. Fágadh peaca an tsinnsir againn trí easumhla Ádhamh a's Éabha: dul thar chrois Dé gan an t-ubhall d'itheadh: diúltadh do thoil Dé do dhéanamh. Riamh ó rugadh é níor theasbáin easumhalaidheacht d'ughdarás, agus a rian air, tá sé éirighthe go hárd san arm anois: doicheall ná righneas dá dhualgas do chóimhlíonadh. Is cuimhin liom gur minic do cuirtí im sheasamh ar úrlár na scoile me, m'aghaidh ar an bhfalla agam, trí easumhla éigin mar gan éisteacht nuair deirtí liom é: briseadh órduighthe scoile. Ar bhfeicsint dos na saighdiúiridhibh go raibh a dtuarasdal dhá choimeád uatha, iad ar dhroichéadach a's ar dhroichbhiadh d'éirigheadar chun easumhalaidheachta dul i gcoinnibh a n-uachtarán: diúltadh do smacht: ceannairc do dhéanamh. Easumhla an leinbh adhbhar an bhligeáird: an t-ógánach ná gabhann lé smacht dlistinneach a mhuinntire is dóichighe de gurb olc an fear fásta é.

easumhlach: *a.* neamhghéillteach, neamhthoilteanach, neamhéascaidh. B'easumhlach an spirid a bhí aige gur chuma cad í an duaidhnéis do cuirtí air dúnadh aonardha, arán a's uisce, é do dhúiseacht fiche uair san oidhche, bhí sé chómh seasamhach 'n-a rún i ndeireadh a's bhí i dtúis: calcuighthe: dochaithte, buan. Orduigheadh dom "ar mo chluais" bheith i gCorcaigh ambáireach, agus má bhím easumhlach a's gan bheith ann go mbeadh "thiar orm": gan bheith deónach, toilteanach d'órdughadh do chur i gcrích. B'easumhlach an bheirt sin Ádhamh a's Éabha a's gan fanacht ón t-aon ubhall sa ghairdín a's cead saor aca chun gach tortha eile dá raibh ann: neamhsmachtamhail ar a mian. Má thagaim, is go heasumhlach é, agus ní mór an mhaith an cóngamh do thabharfad díbh dem aindeóin: i gcoinnibh mo thola. Ní mór an tairbhe dhomhsa buachaill easumhlach do bheith agam ná deineann aon rud ach mar thagann a theadh air: buachaill a leanas a thoil féin dem aindeóin.

easurraim: *b.2 ₇ 5.* neamhghéilleadh, mímheas. Trí easurraim dom agus me ceangailte im bhráighe aca chaitheadar a seilidhe orm: machtnamh le meas. Cad is gráinde 'ná easurraim d'athair a's do mháthair, go mórmhór os chómhair na ndaoine, cuir i gcás tarcuisne do thabhairt dóibh nó fonmhóid do dhéanamh fútha: ceal aire maidir lé tábhacht: neamhshuim. "Chídhtear domhsa", ars an giúistís, "gur mór an easurraim don dlighe dhuit gan cead bóthair do thabhairt uait": briseadh órduighthe reachta na talmhan. "An aon easurraim duit me do shuidhe in aice leat, a bhean mhaith?": an cur isteach míbhéasamhail ort é.

easurramach: *a.* neamhghéillteach, mímheastamhail, andóchasach, ceannairceach. Níor ghaibh oiread a's aon tsaighdiúir amháin lé hórdughadh na gceann n-airm a's b'éigean a gcur fé ghlas mar gheall ar a n-iomchar easurramach: ceannairceach: easumhal: diúltach dá ndualgas airm do dhéanamh. Níl aon amhras air ná gurbh easurramach an duine me an lá úd do chuadhas anáirde ar chéim ar haltóra ag paidreóireacht don sluagh: gan an meas ceart a dlightear don altóir do theasbáint. Easurramach do dhóthain do thagair isteach im sheómra gan oiread a's bualadh ar an ndoras: dána: gan béasaibh gnáth. An tslighe easurramach gur shín sé an chailís chun an tsagairt mar dhéanfadh lé cupa cré: gan an t-umhla is cóir do rud beannuighthe, coisrigthe. Bíonn san chómh heasurramach liomsa agus gur dhóigh leis gur ceart do dul im ionad: dána: uallach: sotalach: ceannárdach: baramhlach.

easurramacht: *b.3.* mímheas, neamhghéilleadh, meardhánacht, ceannairc. Budh mhór an easurramacht duit a rádh léd shaoiste dul in ainm an diabhail!: an ceal measa: tóstal: claontacht i nduine éileamh iomarcach do dhéanamh do féin. An easurramacht do tugadh do agus é ag cainnt ar an nDroichead Beag go raibh an sluagh go léir ag feadghail agus ag faoidhrigh fé: an táir: an tarcuisne. Lé corp easurramachta chuir sé uime a chasóg i lár na hoibre istigh a's dubhairt ná hoibreóchadh speal eile: ceal meastamhlachta don rud a bhí ceangailte. B'easurramacht easonórach léi gur labhair duine iasachta léi ar an dtraen: gur mhímheas gan teóra é.

eatramh: *f.1.* eaga, sos: speal suaimhnis: cao idir dhá linn: lon. Chaith an long an lá go léir i mbéal an chuain gan teacht isteach gan aon eatramh d'fhagháil: bhí an ghaoth ró-chrústuighthe 'n-a coinnibh: gan aon chao, olc ná maith, d'fhagháil: gan lagughadh ná atharrughadh gaoithe gur bh'fhéidir léi teacht isteach. Lon diabhal cait é sin a gheóbhadh an t-eatramh ort a's do dhá shúil do bheith ar bior ag faire air: a gheóbhadh uain fhaillightheach. Tonnaidheacha móra ag briseadh i scórnach an chuasa a's an bád istigh ag feitheamh eatraimh chun gabhála amach: sos nó lon: maolughadh. I lár an lae gheibheann na scoláiridhe eatramh a's scaoiltear amach chun súgraidh iad: sos. I scoileannaibh áirighthe bíonn eatramh chúig nóimintidhe idir gach aon dá cheacht: uain shuaimhnis. Dá fheabhas a bhíos ar m'aire féin fuairtheas an t-eatramh orm a's me im chodladh gur gabhadh me: an fhaillighe. Féach ar do phóca, is é atá gan feistiughadh, agus is air is fusa eatramh d'fhagháil: cao é do phriocadh. Ag cur shneachtaidh do ar feadh na seachtmhaine ach aon eatramh beag amháin: sos, stad. Is oth liom ná fuaireas eatramh ar theacht ar do thuairisc mar bhíos ró-ghnóthach: eaga: tamall d'fhéadfainn do bheith agam dom féin. Cogar liom, is ait an fear thú bheith ghod mharbhadh féin mar sin;

ná tabharfá eatramh duit féin; ná beidh obair tréis do bháis: sos do ghlacadh. Ar eatramh do dheineas é sin, níl sé chómh déanta a's budh cheart do: idir dhá ghnóth eile istigh. In árd an tráthnóna, i gcorplár an cheóidh tháinig eatramh beag léargais go bhfeacamair an mhín-tír: seal gearr solasmhar gan cheódh. Tagann eatraimh air go n-imthigheann a chiall glan uaidh: tamallacha: sealanna. Duine cosantach air féin é, ná faghaidh an deoch aon eatramh air: aon lom: beidh ar a aire do shíor léi. Eatraimh rófhada gan bhiadh d'fhear tromoibre seadh deich n-uaire a chluig: eagaidhe fada idir dhá itheadh.

eatramhach: *a.* sealadach: anois is airís: ar uairibh. Obair eatramhach do dhéineann sé: níl ann claoidhe i bhfad léi: is amhlaidh do bhaineann sé tamallacha aiste. Tháinig báisteach eatramhach ar feadh seachtmhaine a's níor bh'fhéidir aon phunann choirce d'fhagháil lé ceangal: báisteach anois agus airís. Obair eatramhach a fuaireas, tá an oiread sclábhaidhthe ag lorg fé láthair: beagán oibre ó uair go huair. Ní chúmfadh buillidhe eatramhacha iarann dearg choidhche: buille fothuair. An chéad lá eatramhach do gheóbhadh raghad d'fheicsint Loch Léin, is fada im cheann é, ach gan aon chao d'fhagháil: ná beidh broid nó géibheann oibre orm.

eidhbhéardaidhe: *f.4.* athmháighistir: íochtar-mháighistir: reachtaire: duine ar bheag-ughdarás a ghabhas uime borrachas agus tóirtéis seanthighearna talmhan. Go mbeiridh an diabhal uaim go hÁrd na gCailleach tu, a eidhbhéardaidhe maran agat atá an blomas agus an gheócaireacht: a shuaracháin atá d'iarraidh bheith chómh tíoránta leis an gcuid budh mheasa aca lé linn na haimsire budh mheasa. Eidhbhéardaidhe feirmeóiridhe, gur dhóigh leat gur leó an talamh 'sa ionshnámhas (únshnámhas) air: feirmeóiridhe tóstalacha: bodaigh. Á, léan ort! is maith an t-eidhbhéardaidhe do dhéanfá ar an dtigheamhlacht atá ionat a's gan aon ughdarás agat: íochtarán duine: maidrín lathaighe do dhéanamh gach cúraime a's míothaithneamhaighe 'ná a chéile do thighearna talmhan nó do bhodach: fothbhoidichín! Buidheach 'o Dhia go dtáinig an lá ar an bhfeirmeóir bocht ná fuil tighearna ná eidhbhéardaidhe air: ná fuil broid uachtarán air.

éide: (**éile**) *b.4.* éadach: culaith éadaigh: gabháil mar a chéile a's bheadh ar an gcuid eile dhaoine do bheadh ag baint leis an ngairm chéadna mar shaighdiúir, gárda, etc.: baill shonnradach éadaigh mar bhíonn ar an sagart ag léigheamh aifrinn. Cuireadh an sagart ó chaitheamh na héide: éistigheadh, sostuigheadh é. Budh thaithneamhach an radharc na seanóglaigh in arm 'sin éide: gabhtha san ngléas éadaigh speisialta do bhain leó. Ar a bhfeaca riamh ní bheinn 'n-a éide ar an easurraim do thug sé don sagart: 'n-a chuid éadaigh: 'n-a ionad: "'n-a bhrógaibh". Bain díot an éide, a bhuachaill (lé seódh): an chulaith suathinseach nó an chulaith ná hoireamhnuigheann duit nó tu dhi. Sagart as éide seadh an mío-ádhmharach: curtha ó aifreann do rádh a's feadhmanna sagairt do thaithighe. "Má baineadh an éide dhíom níor baineadh na fearta dhíom": má cuireadh iachall orm gan aifreann do rádh etc., níor baineadh an chómhacht díom. Daoine móra ionta féin seadh iad súd, bíonn seirbhísigh in éide (éile) aca: i libhré: éadach éagsamhail, deighlightheach d'aicme fé leith. Bhain an sagart de éide Chríost tréis aifrinn: an chulaith bheannuighthe.

éidearbh: *a.* bréagach: neamhchinnte: neamhdheimhnightheach. Sin rud ná féadfainn a innsint duit, tá mo ghnóthaidhe ró-éidearbh a's ní fios dom cad é an lá dob fhéidir liom an

tigh d'fhágaint uatha: neamhdheimhnightheach cathain is gábhadh dhom bheith 'n-a mbun nó me do bheith saor uatha. Tháinig scéala go raibh sé marbh in ósbuidéal in Áth Cliath, ach ráfla éidearbh dob eadh é, mar tá deimhin anois go bhfuil sé 'n-a bheatha shláinte: bréagach: gan bun. Ná bí ag brath air, tá san chómh héidearbh ar theacht a's tá i dtaobh a bháis: gan deimhin aige air: níor thugtha dhuit muinghin do bheith agat as. Thuit sé amach chómh fada san ó shoin go bhfuilim éidearbh ar connus mar bhí i gceart: in amhras: níl m'aigne soiléir air: tá sé dulta san eagar orm. Dhearbhóchadh san gurbh fhírinne na rudaidhe dob éidearbha ar dhruim an domhain: na rudaidhe is lugha eólas ortha.

éidearbhadh: *f.* (*-bhtha*) amhras: ceal deimhnightheachta: éideimhne. Ná bíodh aon éidearbhadh ort ná go mbéarfaidh an bás leis thu: amhras: bí lándeimhnightheach de. Bheinn 'n-a shochraid go deimhin, ach bhíos in éidearbhadh cad é an lá a cuirfí é: ní rabhas socair im aigne. Imtheóchaidh an t-éidearbhadh so i dtaobh na fírinne leis an aimsir, inneósfaidh san duit go bhfuil an ceart agam: neamhdheimhnightheacht aigne.

éidearbhtha: *a. n-dh.* neamhchinnte, neamhdheimhnightheach. Bhíos ró-éidearbhtha cad bhí ar t'aigne chun aonnidh do dhéanamh, mar ná fuaireas aon rathughadh uait, agus ní raibh agam ach mo thuairm: bhíos in amhras id thaobh. Scéal éidearbhtha atá agat ná faghaim tóin ná ceann leis: scéal gan aon deallramh leis.

éideimhin: *a.* neamhchinnte, amhrasach, corrach. Duine éideimhin seadh é, ná bí cinnte go dtiocfaidh go bhfeicir ar an láthair é: ná féadfá bheith sásta it aigne 'n-a thaobh. Is eagal liom gur coinsias éideimhin atá agat agus gur beag mairg do chuireann do dhíoghbháil d'aonne eile ort: neamhshocair maidir lé rud do mhotháilt. Is éideimhne go mór me i dtaobh Thomáis 'ná i dtaobh Shéamais, mar is lugha m'aithne air: amhrastamhla. Turas éideimhin go maith seadh taisteal farraige anois a's a bhfuil de phléasclachaibh ar fán ar fuaid na mara agus báid fé thuinn chómh tiugh lé beachaibh ann: ní bheadh duine socair ná suaimhneasach 'n-a aigne 'n-a thaobh.

éideimhnightheacht: *b.3.* neamhchinnteacht, bheith in amhras i dtaobh aon rud do bheith, nó do bheith lé tárlachtaint: ceal suidhteachta aigne. Éideimhnightheacht a bháis a chuir amugha me: ní rabhas meáidhte glan im aigne gur bhás nó beatha dho: ní raibh aon chruthughadh agam mar seo ná mar siúd. Ná bíodh aon éideimhnightheacht ort ach tair nó fan: ná bí i gcás idir dhá chómhairle: ná bí "ag gaogaidheacht". "Éideimhnightheacht na beatha síorraidhe atá ag déanamh buaidheartha agus mearbhaill do, an lúbaire, anois go bhfuil sé ag druideam lé hearball a shíbhialtachta": neamhshuidhteacht aigne cá ngeóbhaidh Dia leis. Chómh luath agus bhraitheas éideimhnightheacht a mhisnigh dubhart leis gur bh'fhearr liom gan é bheith im fhochair: neamhshocracht: líonruith: ceal stuidéarthachta: neamhfhoirtileacht: míoshuaimhneas.

éidighim: *b.a.* gléasaim, cuirim umam, inneallaim: armuighim: cóirighim. Éidightear an long a's cuirtear chun farraige: cuirtear a cuid seólta uirthe. D'éidigheas me féin san gculaith dob fhearr do bhí agam i gcóir na feise: ghléasas me féin ó thalamh. Éidigheadh na saighdiúiridhe in éadach trom geimhridh: tugadh éididhe níos fearr dhóibh.

eidhneán: *f.1.* fás síorghlas, dlúthcheangailteach. Bhí sé naomhtha (beannuighthe, coisricthe) i súilibh Bhach agus teasbáintí é a's fleasc de tímcheall a chinn. Ghaibh an duibheaca tríd go raibh sé ar baillchrith mar bheadh billeóg eidhneáin. Gheobhair fuacht, mar taoi chómh tanaidhe le billeóg eidhneáin: an-thanaidhe, leice. Caipín eidhneáin do cheann leinbh go mbeadh sailchnis air: mórchuid billeóg eidhneáin fuaighte ar a chéile i bhfuirm chruinn-chaipín agus iad iar n-a dtarrac in uisce te mar bheadh té i bpota.

éidriocht: *f.3.* drochaiste, éagcruth. Riamh faid atáim beó ní fheaca aonne in éidriocht mar é tréis breóidhtighe, súighte, bán, seirgthe: cuma chómh dona air. Ar ghaibh san trí de bháiseannaibh, de chinneamhaintidhibh a's d'iomard saoghal is maith an té ná cuirfeadh sé éidriocht air: droch-chlódh millteach. B'fhada as m'aithne é, ambaist, agus as aithne aonne eile a's an t-éidriocht a bhí tugtha gen saoghal air, dearóil, caithte, críon, liath: drochaiste. Má bhí aonne riamh in éidriocht táimse anois, ar an bhfóraoil annso i lár cathrach nách fios dom cá gcasfad chun greama d'fhagháil le n-itheadh ná cá leagfainn mo cheann chun suain: ar drochaiste, i ndraip.

éidtréan: *a.* lag, fann: díth chómhachta. Á, mo bhuachaill breágh, is é d'fhágadar go héidtréan i lár an bhóthair gan ann cor ná gnús do chur as: leathmharbh. Éagcruas deóranta ná deaghaidh na dochtúiridhe amach air a fháig an ceanntar uile go héidtréan neamhábalta ar lá oibre do dhéanamh go ceann i bhfad: go fann: dá dtreóir: gan mhaitheas ná brigh. Ar bhualadh d'Oisín le Pádraig Naomh bhí sé éidtréan gan puinn tapa 'n-a ghéagaibh, lúth a's acfuinn na hóige séaluighthe as: fann.

éidtreóir: *b.5.* laige, neamhchruinneas incheann: fóraoil. Scaoil thart é, ná tóg aon cheann d'aonnidh a dhéanfaidh ná a déarfaidh, is fada éidtreóir do: gan bheith go maith 'n-a cheann: aerach: ait: díthcéille. Thug sé na bliadhanta ar éidtreóir, ag gluaiseacht ar longaibh ó thír tír, ag reic 'sag caitheamh a dtuilleadh sé: gan aon tsocrughadh fé ná crích do chur air féin nó ar a chuid. Ní fuláir nó tá éidtreóir éigin ar an luing sin ar an slighe ait atá sí ag casadh 'sag athchasadh, tá a fearas stiúrtha nó rud éigin eile ar míghléas: ceal gluaiste i dtreó cheart. Suathadh trom a's tuargaint dhá fagháil aige ó thriúr aca, ach ní rabhadar i ndán é do chur ar éidtreóir: a chur dá bhonnaibh: é do chur ar aiste ná féadfadh troid. Leig dom ar mo bhuille anois agus ná cuir aon éidtreóir orm: mearbhall do chuirfeadh amugha me: a bhainfeadh as dom. Ar a dhéidheannaighe atá sé tá éidtreóir éigin air atá ghá mhoilliughadh: rud éigin as alt. Éidtreóir a chaill an lá orainn, dá mbeadh oifigeach maith orainn ní cuirfí an briseadh orainn: míostiúradh: droichcheannas. Táir ag dul amugha, táir ar éidtreóir: ar an mbealach mícheart. Cé ná beadh ar éidtreóir fé cheal gan airgead: i ndraip.

éidtreórach: *a.* amugha: as treó, mícheart: as an slighe: míostiúrtha: mío-órduighthe: lag, fann: leice, bocht. Long ag imtheacht go héidtreórach gan stiúir: ar thrócaire na mara a's na gaoithe. Clann éidtreórach iad anois gan athair, gan mháthair: gan neach chun cómhairle do thabhairt dóibh ná id do chongbháil i bhfochair a chéile. Tháinig iomard éigin ar mo láimh chlé go bhfuil sí éidtreórach ar fad, níl aon bhuannacht agam uirthe ná aon áis agam innte: tá sí gan bhrigh orm. B'fhada éidtreórach ar a leabaidh é, caithtí é do thógaint siar agus aniar agus an biadh 'san deoch do chongbháil leis: gan áis a bhall ná a

nirt. Leis na ciantaibh siar ar idigh sé é féin bhí sé éidtreórach ag imtheacht leis féin go haonardha ag séanadh na ndaoine: ait ’n-a cheann: ar laginchinn.

éifeacht: *b.3.* neart, acfuinn: scabhárd: ciallmhaireacht, stuaim: fóghnamh nó tairbhe: coindealbhacht (“caoinlidheacht”). Buille gan éifeacht do fuair sé, ní gábhadh dho bheith ag gol, ní mharbhóchadh sé cuil: gan fuinneamh: ná raghadh ’n-a luighe. Cainnt gan éifeacht d’aonne a rádh go mbuaidhfidh an Ghearmáin ar an saoghal mór dá fheabhas í: gan fuaimeant, ciall. Cad tá i dtrí nó i gceathair de scillingidhibh do chaitheamh ach rud gan éifeacht: gan áird: nách fiú trácht air. Rian gan éifeacht d’fhág an scian ort, scarais go maith leis: rian nách cúis mhór ghearáin é agus a ghiorracht do chuadhais do tú do bhascadh. “An raibh aon iasc agat ón loch?” – “rud gan éifeacht”: fíorbheagán: seilg bheag. Scéal gan éifeacht a bhí aige, níor thuig aonne é a’s bhí sé go breallach aige: gan tábhacht: gan bun gan barr. Obair gan éifeacht an caladh san, ní fhéadfadh bád ná nadhbhóg teacht air ná é d’fhágaint ach ar lán mara: obair gan aon deallramh, gan iondúireacht do bheith ag baint leis. Paidreacha gan éifeacht adeir an cladhaire sin, ná creid é: fothphaidear nó guidhe gan dúthracht. Sin é an fear a labhras lé héifeacht, gur bhreágh lém chroidhe-se é do chlos ag cainnt: go mbíonn fuaimeant a’s bunadhas leis. Deineadh le héifeacht an falla san, sin é annsan é le chúig céad déag bliadhain gan oiread a’s cloch as, a’s gan aon tsíonchaitheamh air: le fuaimeant: go raibh an chlisteacht saoirseachta ag gabháil de. Éifeacht na gréine gile a bhí ag an té a chuir craolachán lé n-a chéile: fuaimeant: barr incheann. Baineadh preab chómh mór san aiste ar bhás a fir gur imthigh dá héifeacht: gur chaill sí a ciall. Cad é an éifeacht duit do chapall do bheith ag imtheacht éadtrom a’s tu féin id chois, cad fáth ná raghfá ag marcaidheacht?: cad is ciall agat leis. Níl aon éifeacht in ao’chor leat ag cainnt má deirir go siubhalóchadh duine deich míle fichead lá ar lá: fuaimeant céille. Ní haon éifeacht an méid sin, níor mhór dhuit a dheich oiread: ní mór an bhail duit é. “An mbainir aon éifeacht as na réilthínidhibh bheith ag glioscarnaigh mar sin?” – “bainim, tá sioc air”: tátall: tát. Sé an éifeacht a bhainim-se as an mbeirt do bheith ag cainnt le chéile ar an gcuma san, go bhfuilid ag beartughadh droichghnímh: sin é “adhmad”: machtnamh go ráinighim air as bheith ghá mbreithniughadh: tát: tátall. An as t’éifeacht féin do dheinis an méid sin?: as do mheabhair chinn féin: as do stuaim. Ar nós an leinbh thu ar gach aon chor, an dtiocfaidh aon éifeacht choidhche dhuit?: ciall a threóróchadh tu nidhthe do dhéanamh mar budh cheart. In ainm Dé, a chailín, cuir éadach le héifeacht ort a’s ná bíodh aonne ag magadh fút sa triubhas glún san: go mbeidh deallramh leis: na tógfaidh daoine ceann de lé n-a neamhchoitchinne. B’é éifeacht an scéil gur theastuigh airgead uaidh orm as an bplámás ’san moladh go léir: éirim: an chuid budh thábhachtaighe a’s budh léire.

éifeachtach: *a.* fuinneamhail: éirimeamhail: ciallmhar: fuaimeantamhail. Fear éifeachtach dob eadh é a’s féach nár dhein san do é gur leig sé dhóibh bob do bhualadh air os chómhair a dhá shúl amach: fuaimeantamhail: go raibh ciall lé gach nídh dá ndeárna. Thug sé cainnt éifeachtach uaidh, gur éist gach aonne léi go haireach a’s go n-aithneófá ar an sluagh go ndéanfaidís a chómhairle: bunadhasach a chuaidh i luighe gaibhte ortha. B’éifeachtaighe dhómhsa go mór aire do thabhairt dom chúram féin a’s gan bheith ag eadragáin idir dhaoinibh buile: budh chiallmhaire dhom: is é is mó go mbeadh deallramh leis. B’é an t-urchar b’éifeachtaighe do caitheadh an lá san sa chath mara é, a shúngcáil áthrach mór gan rómhoill: budh ghoilleamhla: is mó a ghoirtigh a’s a

dhein díoghbháil. Bíonn gach aonne ag moladh a dhreatháir ach is éifeachtaighe go mór do gheibhim-se é: is mó bun agus ciall.

éifeachtamhail: *a.* ciallmhar, bríoghmhar, neartmhar: éirimeamhail, cómhachtach, déanasach. Tástáil airís, ní raibh an iarracht úd éifeachtamhail in ao'chor, níor fhágais oiread agus rian id dhiaidh: níor dhein t'iarracht aon mhairg: aon mhaith. Tugadh múineadh éifeachtamhail ar Ghaedhealaing sa scoil sin, tá a rian air, tá sí go blasta ges na leanbhaidhibh: múineadh cumais: múineadh a thug toradh uaidh. Rámhaidheacht éifeachtamhail ar an mbád gur baineadh siubhal aiste: bríoghmhar. Duine éifeachtamhail ná labhrann ach nuair bhíonn rud lé rádh aige, gur fiú éisteacht leis: ciallmhar, bunadhasach. Ní buillidhe fiadhaine gan treóir do thugadh sé dá namhaid ach buillidhe éifeachtamhla a fhágadh a rian 'n-a ndiaidh: buillidhe láidre, fuinneamhla a aimsightí le clisteacht.

éifid: *b.2.* duine gan áird, gan fuaimeant. Táim im éifid ag ráflaidhibh mar gheall ar an gcogadh, beirt, triúr ghá rádh go mbeidh Éire sáidhte ann, duine eile ná beidh, go bhfeictear báid fé thuinn ar an gcósta, duine eile ghá rádh gur fastaoim é, innis rud éigin éifeachtamhail dom 'n-a thaobh: im roileán: tá m'inchinn soir siar aca. Éifid, féach, ní dhéanfadh an rud atá déanta agat: duine "oireamhnach le ceangal": duine go mbeadh a leath san aer. "B'fhearr liom 'ná fios mo shaoghail dom/ go bhfaghainn amach cad í an éifid/ do chúm ná cheap na bréithre seo/ bladardha dá mhaoideamh etc." (Cnoicín Fraoigh an Chonnchabharaigh) .i. duine "imthighthe bán gan chiall": duine baoth. An lá do cheannuighis an stagún capaill sin gan a thuairisc do chur "do thugais léim na héifide": dheinis rud de thapaidhean gan féachaint rómhat: "léim ó Chaladh go Fiadhnait". D'imthigh an dúthaigh 'n-a héifid lé brón nuair báthadh leathchéad iascaire in aon oidhche: gan eólas a mbeart aca: róshuaidhte, gur bh'fhios dóibh cad budh cheart dóibh do dhéanamh.

éigceannsa: (**éigceannsach**) *a.* neamhthláith, neamhthais, neamhghrádhmhar. Dar liom nách ceart do bheith éigceannsa leis an óige, mar ná tuigeann sí an saoghal: gan bheith mín, cineálta, foidhneach. Bhítheas ró-éigceannsa leis, beart gan ghádhtar, mara raibh sé d'aon buidhinn poilitidheachta amháin féin linn, níor tugadh aon éisteacht do: neamhmuinnteardha: neamhlághach. Capall aoibhinn fé thrucail é ach éigceannsa fé chéachda, buaileann sé agus raideann: neamhmín: fiadhain. Ní fheadraís cad budh cheart duit do rádh leis, ná cuirfeadh spuaic air, duine éigceannsa mar é: duine neamhthais. Choidhche ná labhair éigceannsa le mnaoi, ní thaidhbhsigheann sé fearamhail: borb, míbhéasamhail. Leanbhaidhe éigceannsa ná smachtóchadh do dhícheall iad, bíd go bráth, bráth aimhleasta, crosta: gur deacair a riarughadh. Is éigceannsa liom indiugh é chun dul chun labhartha leis, tá grainnc an diabhail air: neamhlághach: tá rud éigin ag cur as do. B'é budh éigceannsa dar labhrais riamh leis, ach budh cheannsa chun maitheasa do dhéanamh: budh dheacair dul fé n-a bhrághaid mar gheall ar an meón a bhí aige, ach bhí tais, fonnmhar ar an rud do bheadh uait do thabhairt duit.

éigceannsa: *b.4.* (**éigceannsacht**) éadtláthas, neamhmíne: ceanndáine; neamhfhéicheamhantas. Ná bí éigceannsa leis an leainbhín, féach tá sé ag pusghail ghuil agat: gan bheith séimh, tláith. Bíodh éigceannsa leis an namhaid, an méid bráighe dhíobh

a bheidh agaibh, mar is olc atáid lé n-ár mbráigheannaibh-ne, ná tugtar suaimhneas ná comhthrom dóibh: bítear gairgeach, míshéimh leo. Díleachtaidhe dob eadh mise agus ní bhfuaireas óm leasmháthair ach éigceannsacht, dianobair, leathtrom bídh agus an focal is measa a bhíodh ar a teangain: éadtláthas: ceal séimhe agus ceannúireachta. Chuadhas leó agus éigceannsa mo chroidhe orm tréis bráighe do dhéanamh díom, chaitheadar me d'árdach leó eatartha: ghaibh sé tríom bheith ar láimh aca: neamhmín: neamhthoilteanach. Anois cuir uaim éigceannsa ach éist go foidhneach lé n-a ndéarfair leat, a's dá neamhmodhamhaile bheid leat ná leig ort ná gurb é an scéal is fearr é: neamhbhéasamhlacht míne, neamhchaoineas: neamhmíonlacht: neamhthaise. Thaidhbhseóchadh do charthanacht i bhfad níos flaitheamhla mara mbeadh an éigceannsa lé n-a ndéinir í: an tslighe bhorb gan míne ná buige cainnte. Chuir éigceannsa an chapaill ar buile é, mheas sé é lámhach nuair ná gluaisfeadh sé sa rás: neamhfhéicheamhantas: neamhfhonn: calcaidheacht. Duine ní fhéadfadh dul 'n-a ghoire indiugh lé héigceannsa: tulcaireacht: gruaim: míoghnaoi: neamhshéimhe. Tréis na héigceannsachta go léir, mhuis, tá croidhe maith aige, agus is pras dhéanfadh comaoin duit: d'aindeóin míobhlasta a theangan 'sa mheóin, etc.

éigceart: *f.1.* éagcóir; neamhchóir; coir; urchóid; foghail; díoghbháil. Ar a bhfuil ar thalamh an domhain ní bheadh éigceart coda mo chómharsan agam ar m'anam: rud nách cóir: briseadh dlighe Dé agus duine. Nách é an t-éigceart do Shasana bheith ag maoidheamh as shaoirse na mara agus ar an am gcéadna ag gabháil athrach lé tíorthaibh neamhthaobhacha a's ag baint a last díobh ar leathscéal éigin: rud a bhaineas go neamhdhlightheach lé duine. Céaca den mbeirt seo id thuairm-se duine an éigcirt?: go bhfuil cúis air: atá d'iarraidh ruda do bhaint amach nách leis, nó atá as an slighe ar aon chuma. Nách maith is eól dúinn gur le héigceart do bhain Sasana amach a sealbhamhaintidhe coigcríocha, nách lé toil a ndaoine é, ná iad do cheannach: gan aon bhuannacht "ó neamh anuas" do bheith aca ortha. Éigceart atá agat dhá dhéanamh orm a rádh go mbím dian ar na scoileannaibh, fic na tuairiscidhe a's áiteóchaidh siad ort go mbím an-chomhthromamhail: éagcóir: rud neamhfhírinneach a ghoirtigheas mo chlú. "Gach éigceart atá déanta ar ár dtír ceartócham sara gcuirtear an claidheamh ar ais 'n-a thruaill": foghail: cur isteach díoghbhálach lé breis chómhachta. Éigceart na gcómhursan ní maith é: a ndíoghbháil: a n-éagcóir.

éigceart: *a.* neamhcheart: as an slighe lé feall nó lé cómhacht: in aghaidh córach nó comhthrom nó cóibhéise: neamhmacánta, malluighthe, peacamhail. Rud éigceart ar bith a ghníos duine ar dhuine caithfidh sásamh do thabhairt do Dhia ann, annso nó annsúd: rud díoghbhálach. B'éigceart an breitheamhantas trí bliadhna príosúin do thabhairt do gharsún mar gheall ar ghunna gan cheadamhnas do bheith ar iomchar aige: breitheamhantas ró-íogair: gan pioc comhthruim. Na cúirimidhe éigcearta is gnáthach leis an bhfear bán do chur ar an bhfear gorm, bhainfeadh deóir ón gcloich ghlais lé n-a ngráineamhlacht: malluighthe: urchóideach: in aghaidh ionraice. Císeanna éigcearta ges na tighearnaidhibh talmhan do ruaig mórchuid dár ndaoinibh den talamh agus a bhochtnuigh an chuid eile: císeanna diablaidhe, cama, troma.

éigciall: *b.4.* díthcéille: leanbaidheacht, leimhe, neamhfhuaimeant cinn. Éigciall duit gan rud éigin, dá luighead é, agus cao agat air, do chur i leath-taoibh i gcóir an lae chruaidh

mar is é “do phóca do chara”: neamhthuigsint: ceal fearta rud do thómas nó do mheádhachtaint mar tá sé agus an tslighe do ghoillfeadh a dheasca nó a iardaighe ar dhuine, ar a bheatha, nó ar a ghníomh. Dhearbhuigh an inghean go raibh éigciall na seanaoise ar a hathair nuair dhein sé an udhacht d’fhág í féin “ar chuid na bpréachán di”: leanbaidheacht: buige incheann: éidtreóir incheann. Lé corp éigcéille ataoi ag tógaint ruda orm nár mheádhas in ao’chor, ní raibh ar m’aigne in ao’chor a chasadh leat go bhfuilir dall ar an gcúram so ach nár mhór do dhuine togha eólais do, rud eile ar fad: ceal réasúin.

éigciallaidhe: *a.* ait, amadántamhail, bunoscionn, gan deallramh ná fuaimeant, balbh. Nárbh éigciallaidhe an nidh don ngarsún san do báthadh indé dul ar snámh i mí Eanáir: ait ar fad ar fad, gan aon deallramh: gan aon réasún. Cogar, éist liom, an dóigh leat go ndéanfainn rud éigciallaidhe mar m’fhear agus mo chlann do thréigean agus ealódh leatsa?: bíodh taimilt éigin mheabhrach agam: foiriarach: gan aon tuigsint ar aiteas an ghnímh. Éigciallaidhe mar bhí riamh a’s a bheidh go deó anois, is dócha, scaipightheach, scléipeach, bruigheantach, achrannach, neamhmeabhrach: ag déanamh nidhthe in aghaidh an bhreitheamhantais chirt: gan áird ar olcas na mbeart a bhíonn dhá dhéanamh aige: bunoscionn. Ar nós ainmhidhe éigciallaidhe an mhachaire d’imthigh le haill!: an t-ainmhidhe gan achmaoin machtnaimh.

éigciallaidhe: *f.4.* duine baoth, gan puinn fuaimeanta, réasúin, amadánta. “Éigciallaidhe adubhairt ’n-a chroidhe istigh ná raibh aon Dia ann” (Sailm XIV. 1). Ná déarfadh duine ar bith gur éigciallaidhe an captaen Gearmánach a thug fé theacht treasna na bóchna gan chosaint agus loingeas cogaidh Shasana agus na Frainnce ar nós na mbeach ag faire air: duine gan aon taimilt mheabhrach. Ní tusa in ao’chor an t-éigciallaidhe ach mise do phós tu, a leathamadáin chríochnuighthe gan chruinniughadh gan fascadh: an duine gan splannc mheabhrach.

éigcinnte: *a.* neamhdhearbhtha, neamhdheimhnightheach, dochuimse. Níl aonne againn ná go bhfuil éigcinnte den mbás, ní heól dúinn connus, cathain ná canad: dall air. D’fhanais rófhada i ngrogaibh éigcinnte ar cad budh cheart duit do dhéanamh, a’s scaoilis uait do chao: gan an aigne do bheith socair ar cad do bhí lé déanamh: bheith i gcás idir dhá chómhairle. Cúrsa éigcinnte aon rud atá rómhainn: aon rud nách eól dúinn cad thárlóchaidh ’n-a thaobh. Táim ag dul anois ar thoisc éigcinnte ar lorg sean-asail lé ceannach a’s ná feadar cá bhfaighead é: neamhdhearbhtha: nách fios a bhfaighead nó ná faighead. Á cé hé ná criothnóchadh roim an síorraidheacht éigcinnte: an tsíorraidheacht gan teóra, dorcha, gan eólas againn uirthe. “An raghair ar do laetheantaibh saoire thar lear?” – “baineann san lém chúram a’s a gnóthaighe nó a malairt, fé láthair táim éigcinnte”: neamhdheimhnightheach.

éigcionntach: *a.* saor ó chúis, ó pheaca, ó choir. Crochadh é agus bhí sé chómh héigcionntach ar an gcoir a’s tá an leanbh nár saoghaluigheadh fós: chómh glan air: gan baint ar bith do bheith aige léi. Scaoiltear saor an fear so, tá sé éigcionntach ar an gcoir atá curtha ’n-a leith: ní hé a dheárna í agus níl aon chúis air tríthe.

éigcneasta: *a. n-dh.* neamhshocair, neamharmacamháil: garbh, borb: neamhshíbhialta, neamhchaoin: neamhdhaonna. Ghoirtigh an dochtúir ó thalamh me, bhí sé éigcneasta leis an gcneadh ag cur na snáthaide innte: gan bheith séimh socair: gan aire do thabhairt chun gan pian do chur orm. Ní cuideachta in ao'chor é, má labhrair focal leis bíonn sé éigcneasta go n-íosfadh sé an ceann díot: gan bheith ceannsa: crosta: colgach: canncarach. B'é an mac éigcneasta dá mháthair é, gach sclaimh a's ullfhairt aige uirthe mar bheadh ar mhadra: neamharmacamhail: gan bheith ceannsa léi, mar bhí ag dul di. Briathra éigcneasta dhuit, aonne d'fhógairt don diabhal: neamhmín: borb: coimhtheach. Níos socra anois, deas, éadtrom, mar táim an-leóchaileach as mo ghéagaibh ná bídh éigcneasta ghom iomchar: aimhréidh: míchineálta.

éigcneastacht: *b.3.* neamhshocracht: ceal géillte do rud leóchaileach etc., gairbhe, buirbe, neamhshíbhialtacht. Éigcneastacht do chuir deireadh lé pota an té: ní bhfuair sé an aire budh chóir do rud leóchaileach, mar é dá dheascaibh gur briseadh é: suathadh: tuargaint ná raibh fulang aige air. Rud seadh éigcneastacht nách inmhianta i dtigh tábhairne mar a mbíonn sluaighte de gach saghas mianaigh, agus is dochighde 'ná a chéile go mbaineann troid: mí-iomchar, teasaidheacht a's ceal míne a's grádhmhaireachta. Éigcneastacht a chainnte is lugha a thaithnigh liom: béal chómh salach is annamh do chuala riamh: buirbe: neamhchaoineas: gáirseamhlacht. Éigcneastacht na marcaidheachta sa tseanghluaisteán bheifeá dóthanach di, síos, suas, sall 'sanall mar bheifeá i luaisceán: suaidhteacht: tuargaint. Éigcneastacht liom dob iad ó cheann ceann na seachtmhaine, focal mín ní thabharfaidís duit, ná ní chabharfaidís leat chun luach leathphingne do dhéanamh: gan bheith cineálta, muinnteardha, lághach ná deaghmhaitheach.

éigcríonna: *a.* neamhghlic, aimideach, neamhaireach: neamhfhéachaint chuige. B'éigcríonna an rud dom, leis, dálta an scéil, oiread rudaidhe do thógaint ar ghrodcháirde ar an dteacht isteach beag atá agam: aimideach: ait: gan puinn céille. Bhís ró-éigcríonna agus gan a thuigsint roim ré cad éisteóchadh an tigh sar ar chuiris chun a thógtha: neamhaireach. Dubhart cainnt éigcríonna ameasc na cuideachtan, níor bh'eól dom go raibh duine láithreach go raibh gaol aige leis an té go rabhas ag tagairt do go cáinteach: béalscaoilteach: sonntach.

eighdeán: *f.1.* éachtaint, gaoth focail: carbhall: glór. Cad tá ort, a Thomáis? ní fheaca riamh chómh marbh tu, níl eighdeán asat: focal: carbhall. "Connus tá an seanduine ag cur a shaoghail de?" – "ar mh'anam go bhfuil eighdeán sa chúinne fós aige": ná fuil aon cheal cainnte air mara bhfuil lúth na ngéag go maith féin aige. "Ar chualaidhis go mbeadh rinnce i dtigh an árdmhaoir?" – "chuala eighdeán air": éachtaint: leid: gaoth focail. Níor thuigeas cad chuala, ach níl aon amhras agam ná gur eighdeán daonna é: glór: guth.

éigheamh: *f.1.* glaodhach: do ghlaodhach go hárd: gearán: do lorg: cneadghail ós árd: faoidh: éileamh: athchuinghe. Ag éigheamh ar Dhia é d'fhóirthint ón dtinneas a bhí ghá stolladh as a chéile: ag glaodhach ós árd air go truaighmhéileach. Ní bheadh an oiread teasbaigh air dá mbeadh leanbhaidhe óga ag éigheamh air: ag lorg bídh, éadaigh, etc., go gearánach: dá mbeadh air iad do chothughadh. Rófhada ar céalacan dom bhí an áit istigh go láidir ag éigheamh: ghá chur féin in iúil gur theastuigh biadh uaidh. Is é an dá mhar a

chéile dhom bheith ag éigheamh ar an gclainn atá agam nó bheith ag cuimilt mo mhéire: ag fógairt ortha nó ag iarraidh ortha rud do dhéanamh. "Ní chloisim fuaim lacha ná gé ann/ ná fiolar ag éigheamh cois cuain etc." (amhrán): ag déanamh an ghlóir is dual do: ag glaodhach. Éigheamh amháin ná taithnigheann liom éigheamh leinbh, ní bheadh a fhios agat cad é an t-iomard do bheadh air: gearán guil. Dá mbeinn ag éigheamh ó shoin go raibh a stoc ag bradaidheacht ní chloisfeadh an bodhrán me: ag glaodhach 'sag screadaigh air d'iarraidh go dtógfadh ceann díom. Bí ag éigheamh leat anois, ní mise ná dubhairt leat tu féin do sheachaint ar an uisce te: bí ag gol 'sag gearán a's gan puinn chun tuir do thabhairt ort. Budh chuma leat ach gan an bheirt aca do chloisint ag éigheamh ar an gcorp: ag caoi go brónach, truaighmhéileach. Ná raibh éigheamh as nuair ránguigheas ar an láthair: bhí sé tréis bháis. Chómh ciúin le luich gan aon éigheamh as: é n-a thost. D'aithnigheas ar an éigheamh do chuala fén sráid go raibh rud éigin i dtreis: ar an ngleódh a's ar an bhfaoithrigh.

éigean: *f.1*. iachall, foirneart, lámh láidir: fórlann: racht nirt: gábhtar: ceal: imreas: iomarbháidh: draip: cruadhchás: cuing: dualgas. Lá an éigin go mbeadh ag breith dian ar dhuine b'shiúd é an fear gur gheairrid an mhoill air do bhroid do réidhteach: lá an chruadhtain: go mbeadh déine ag breith ar dhuine. Éigean éigin, gan choinne leis againn, atá ghá chongbháil, neachtreacha bheadh annso fadó riamh: cruadhtan, greim cruaidh. Is mór an t-éigean do deineadh air é do chaitheamh amach as a thigh a's é toilteanach an cíos d'íoc: foirneart: rud gráineamhail lé láimh láidir agus mícheart. Mara mbeadh gur cuireadh éigean mór orm ní chuirfinn m'ainm leis seo mar nár thaithnigh liom é do dhéanamh: teannchur. Is mó éigean do rug orm ach an t-éigean budh chonntabharthaighe dhíobh nuair chaitheas dhá lá ar shraice gan biadh gan deoch, gur fhóir long orm: an cruadhtan: an draip: cruadháil: amhgar. Deineadh éigean uirthe agus ní raibh sí ins an maith chéadna ó shoin: tá sí ar éadtreóir: cumaisceadh í dá haindeóin. Ní ró-dheas é éigean ar aonne: neart gan cheart, i gcoinnibh na dlighe. Níl sé d'éigean ar aonne cabhrughadh lé duine eile maran maith leis é dá dheóintibh féin: iachall: ní féidir é do chur air sin do dhéanamh. An éigean do thriúr do bheith ag gabháil air chun buadhachtainte?: an gádh san? B'éigean dom imtheacht de chois go Corcaigh, mar ná fuaireas aon chóir iomchair: bhí orm: níor fhéadas. Is éigean dom do bheith sa Daingean ar a deich a chlog chun beartha ar an ollcharbad (bus) gan san bheinn déidheannach: tá orm: ní fuláir dom. An tarbh a's me féin ar séirse, eisean d'iarraidh beartha orm, mise d'iarraidh éaluighthe uaidh, ar éigean do bhaineas an claidhe amach uaidh: sin a raibh ann: "ionga bheag" eile a's bhí beartha orm. Ar éigean bháis a's bheatha théarnóchaidh sé an oidhche, tá sé chómh dona san: lé hádh mhór. Idir éigean (idiréigean) atá sé na cheithre fichid: tá sé "cúramach air": a dhóthain le déanamh aige. Idir éigean a's thugas chun cruinnis an long, bhí sí chómh fada san chun na farraige: ní raibh ach a rádh gur aithnigheas gur long í, etc. Is minic sin agat in éigean airgid: i ndraip 'n-a thaobh. "An mbeidh an Taoiseach ag cainnt anocht?" – "is ar éigean é tá slaghdán trom air": níl sé ró-dheallramhthach: is beag má bhíonn. Daorbhroid a's gorta da n-éigean tar lear, sin mar do bhí gár sinnsear: dá ruagadh dá n-aindeóin. Créid uaim gur chuir a bhás éigean bróin orm: oiread agus nách mór go rabhas i ndán a fhulang. Ar t'anam ná teip orainn, bí ann ar áis nó ar éigean: lé toil nó le hiachall: ar aon chuma ar bith ach a bheith ann. Beidh airgead aige siúd, bíodh geall, ar áis nó ar éigean: is cuma connus thiocfaidh sé air, ach beidh aige. Ar éigean a ghaibheas trí "chródh na snáthaide", cheanglas cheithre huaire ann: mo

dhóthain mór cúraim do bheith orm gabháil trithe: sin a raibh ann. Is éigean dréir na dlighe dóirse éigne do bheith ar thighthibh peictiúiridhe chun éaluighthe le linn éigin: tá sé de chuing etc. dóirse le linn gádhtair gan choinne lé linn conntabhairte. Is éigean don gcorp biadh: "ní beo gan bhiadh" (seanfhocal): ní fuláir don nduine biadh d'fhagháil chun maireachtainte.

éigeantach: *a.* gádhtarach: iachallach: cruaidh: anacrach: truaighmhéileach, brónach. Aonne gur mhaith leis an mír-déirc d'fhagháil beidh sé éigeantach air dul 'on Daingean go "Malartán na Sclábhaidheachta" agus a ainm do shighniughadh. Gannaidhe éigeantacha tighe seadh plúr, té agus siúicre: nidhthe nách féidir déanamh gan iad. B'éigeantach do bhí muinntir an pharóiste nuair bhí furmhór gach aon tighe buailte leis an éagcruas tógálach ná leigfeadh eagla d'aonne dul 'n-a ngoire ná ceannófí uatha a's ná díolfí leo: amhgarach: gáibhtheach. Thug sí an oidhche amuigh ar an loch 'n-a haonar i mbád ag gol 'sag éigheamh go héigeantach: go brónach, truaighmhéileach, claoidhte.

éigeantas: *f.1.* foirneart, iachall: gábhadh: cuing. Ag déanamh éigeantais orm dul ag obair dóibh a's me 'n-a lúib: ghom chur ag obair lé foirneart. Ag déanamh éigeantais atá Sasana riamh orainn ó chuir sí a cos ar talamh againn, ag cur deiridh lé n-ár ndéantúisidhe, ag bánughadh ár machairidhe 'sag cur eadála in ionad daoine, 'sag lat ár dtráchtála: ag imirt lámh láidir orainn lé n-a cómhacht. Ní raibh aon éigeantas orm dul ann, chuadhas ann lem thoil mheanmnaigh féin: ní raibh aon chall agam leis. Is éigeantas ar gach Caitliocaidhe aifreann d'éisteacht gach Domhnach a's lá saoire fógartha: tá sé ceangailte air ar phriacail peaca marbhtha.

éighim: *b.a. 7 n-a.* goirim, glaodhaim: athchuinighim: gearánaim: caoinim: goilim ós árd: iarraim. Éigheann mo bhoilgín nuair bhíonn ocras orm. D'éigheas air go raibh mo chroidhe briste aige, teacht abhaile a's gan fanacht ar siléig in áit gur shoiléir go rabhthas ar a thí: d'athchuingheas air go dúthrachtach. D'éigheas ortha teicheadh go raibh an namhaid chúcha: bhéiceas in árd mo chinn a's mo ghuta. Éigheann a's screadann sé leis an dtinneas atá air go gcloisfeá leathmhíle ó bhaile é: bíonn sé ag glamghal. Díreach agus me istigh cois nide an fhiolair d'éigh an seanéan os mo chionn lé feirg agus d'fhreagair na gearrcaigh é: leig sé scread feirge. Éighim ort coighcíos eaga do thabhairt dom agus beidh an rud atá uait agam duit gan teip: déin éigeantas anois orm a's níl im chumas a fhagháil: iarraim go dúluighthe ort. Dá mhéid mímheasa atá agat-sa ar chreideamh a's ar a mbaineann leis éighfir fós go dian ar Dhia maitheamhnachas do thabhairt duit id smáilcidhibh: glaodhfair go truaighmhéileach.

éigin: *forainm. a.* roinnt nó cuid éigcinnte: duine, rud, teagmhas éigcinnte: cuid d'aonnidh. "Cé inns é sin anois duit?" – "duine éigin": ná fuilim chun a ainme do luadh. "Cá bhfuairis Éamonn?" (duine go bhfuil aithne mhaith air lé greann, aiteas etc.) – "in áit éigin": beidh san 'n-a rún agam féin. "Cad thugais ar an mbuin?" – "dosaon éigin púnt": tímcheall na suime sin. B'fhearr liom biadh éigin eile seachas na prátaidhe seo: aon bhiadh in ao'chor ar an dtaobh amuigh dhíobh. Deineann sé rudaidhe ar chuma éigin ná tuigeann aonne ach é féin: cuma nó slighe rúnda.

éiglidhe: *f.4.* duine lag, anbhfann, gan lúth géag, leice, suarach, díblidhe. Teach do éiglidhibh é sin, daoine ná fuil i ndán faic do dhéanamh chun a mbeatha, 'n-a dtugtar aire agus biadh agus cóir dóibh: daoine fanna. Connus tá an t-éiglidhe indiu?" – "tá casadh beag aige": an fear breóidhte. Éiglidhe ná beinn ag caitheamh m'aimsire ag féachaint air ag déanamh aonnidh: rud suarach gan mhaith. Éiglidhe fir ná raibh clann aige léi: gan brigh.

éiglidhe: *a.* lag, fann, breóidhte, suarach, neambríoghmhar. Iarrachtaidhe éiglidhe mar iad so ní chúlfaidh na Gearmánaigh choidhche siar 'n-a dtír féin: lag, gan fuinneamh ná acfuinn. Faid bhí sé tar lear bhí sé éiglidhe – an chuid is mó dá aimsir ar a leabaidh aige, anois tá sé teann, láidir: leice: dearóil. Leanbh éiglidhe i gcómhnaidhe dob eadh é, chuirfeadh aon tsaghas drochaimsire air: leochaileach. Caith díot an crot éiglidhe sin, agus croith suas tú féin a's bíodh cuma an duine ort: an crot suarach, sprionnlaithe. Thug an saoghal 'san aimsir deallramh éiglidhe uirthe gur thruagh leat féachaint uirthe: truaillighthe.

éiglidheacht: *b.3.* anbhfainne: laige: suaraidheacht. An rud a thagann ar gach aonne a mhaireas leis atá air, éiglidheacht na seanaoise: dearóile a's laige. Éiglidheacht beartha atá ag teacht leis go bhfuil an creathadh san 'n-a cheann agus borthaighil ann: máchail: cur siar ó linn a shaoghaluighthe.

éignighim: *b.a.* cuirim d'fhiachaibh (ar), d'iachall (ar), cumaiscim d'aindeóin: déinim foirneart (ar): géirleanaim: ionnsaidhim go fíochmhar. D'éignigh na Gearmánaigh Bhársá gur thuit leó sa deireadh: thugadar fén gcathair sin go fireann. Éignigheadh me gach aon chúram budh shuaraighe 'ná a chéile do dhéanamh: cuireadh d'iachall orm é, rogha a thaithneamhaint nó gan a thaithneamhaint liom. Éighnigheadh í: cumaisceadh í í dá haindeóin. Éignigheadh na tríontaidhthe, ag árdach cíosa a's íoca ortha go raibh ortha bailiughadh leó as an áit: deineadh foirneart agus éagcóir.

éigniughadh: *f.* (*-nighthe*) do dhéanamh foirnirt, do chur iachall (ar): do chumaisc d'aindeóin: d'ionnsaidhe go fíochmhar. In éigniughadh cosanta Bhársá do chaill na Gearmánaigh mórchuid fear: dá hionnsaidhe gan féachaint dá gcuid fear chun a tógtha. Ghom éigniughadh ar chéad slighe, ar chéad cuma, ghom oibriughadh go dian ar lag-bhiadh, ghom ghiobadh a's ghom crádh lé míoshástacht liom gur fhágas annsan iad: ag luighe go róthrom orm gan chóir gan cheart. Ná bí ghom éigniughadh chun bruighne níl aon fhonn orm: ná bí ghom thafant. An gála ag éigniughadh na luinge i gcoinnibh na talmhan i rachtaibh blodhtacha do dhéanamh di ar na carraigeachaibh: ghá tiomáint d'aindeóin a fuirinne.

eile: *forainm. a.* "nách é", airís, ceann nó duine breise. "An bhfuil do dhóthain breac agat?" – "ceann eile a's beidh": ceann breise. Ní hé Seán in ao'chor é ach fear eile ar fad: duine nách é atá an-éagsamhail. Chonnac an lá eile é: lá nách fada ó shoin. Nidh eile atá agam lé rádh leat: nidh i dteannta an méid atá ráidhte agam. Rud eile atá uaim: rud breise nó rud seachas an chinn atá i gceist. Chídheadh sé, a deireadh, daoine ón saoghal eile: an saoghal atá romhainn tréis bháis. "An é an fear so atá uait?" – "ní hé ach an fear eile": an fear go bhfuil tagairt déanta cheana dho. B'fhéidir go raghainn ann agus b'fhéidir eile ná

raghainn: cúrsa éigcinnte seadh agam é. Is fada eile go dtiocfaidh san, is gnáthach leis do bheith mall: is fada fós. Cad eile do dhéanfainn ach é do bhualadh nuair do bhuail sé me: ní raibh a mhalairt lé déanamh agam. Tháinig sé gan airgead gan eile: gan faic in ao'chor.

éileamh: *f.1.* fonn chun: dúil: fiach, táille: lorg: claonadh, leagadh: iarraidh: iarratas: impidhe, athchuinghe: meas: do dheánamh buannachta (ar): do chur tuairisce. Beag-éileamh a bhí ar Éirinn i gConnradh Bhearaigh: ní raibh neach ag tagairt di ná aonne 'n-a cúram: ní lugha ná theastuigh sí uatha. Dá mhéid árdach a raghadh ar luach an tobac, tá m'éileamh chómh mór air go gcaithfidh a bheith agam: an fonn chun a chaithte. Is mór é m'éileamh ar mhnáibh a's ar dhigh: is aoibhinn liom bheith 'n-a gcuideachtain a's bheith ag baint braoin as. An diabhal éileamh ar phósadh choidhche aige: fonn pósta. Ná glaoidh in ao'chor orm níl aon éileamh cainnte orm: fhonn. Bíonn árd-éileamh ar iasc úr agam, taithnigheann sé go mór liom: dúil a ithte. Ar an gcuma bhíonn an cailín sin id bhéal a's id bhrághaid déarfainn go bhfuil éileamh agat uirthe: cion mór agus fonn ort í do bheith agat. Is mór an t-éileamh báistighe atá ar an aimsir: claon lé báistigh. Bíd ag éileamh gaoil ar a chéile: ghá rádh lé chéile go bhfuil gaol eatartha agus muinnteardha dá bharr san. Bean an-áluinn seadh í, is iomdha san fear a tháinig ar a héileamh: ar a hiarraidh. Ithte lé fiachaibh agus na sluaighte san éileamh air: ag lorg go clipightheach. Fanfaidh sé tamall maith gan bean, ní heól dom mórán ar a éileamh: d'iarraidh teacht chuige mar chéile. Fuaireamair go leór le n-itheadh, triúr againn, agus ní raibh an t-éileamh damanta – coróin: an táille: an méid a bhí 'n-a dhiaidh orainn. Mara stadair a's gan bheith ag éileamh troda orm, caithfead glaodhach ar na gárdaidhibh: bheith d'iarraidh troda do chur dom aindeóin orm. Beag an mhaith d'aonne bheith ag éileamh muinnteardhais ar an nduine tuaisceartach úd, mar nách ró-mhaith an dóigh é: bheith d'iarraidh é d'fhagháil uaidh. Sasana a's an Fhrainnc ag éileamh cabhartha lóin cogaidh ar Mhearaice: ag lorg: d'iarraidh go ndéanfí armáil etc. ann dóibh. Is beag éileamh aige siúd ar éirghe moch, codladh an tradhna is mó bhíonn dá thaidhbhreamh do: fonn: aigne. Fiche púnt m'éileamh-sa: an méid atá uaim (ar). Bí ghá éileamh anois, tá sé bailighthe leis: téighir a's faigh é agus is dócha gur beag é do dhul air. "Ná bí ghá éileamh", deirtear lé rud go mbeifí ar a lorg a's gan aon dul air toisc gan é do bheith ann. Ar éileamh mo mhná atáim: ghá lorg. Á, bhí sé ceart agat do bheith ann bhí gach aonne 'ot éileamh: ag cur do thuairisce. Táim imthighthe ó éileamh lé fada: ní bhíonn aonne ghá bhuaidhreamh féin liom céaca beo nó marbh me. Idir éileamh a's éaradh dho d'árduigh sé leis é: dob áil leis é a's níor bh'áil leis, ach dá mhéid níudí neáidí bhí air thóg leis é. Bíonn éileamh mo chroidhe agam ar a chuideachtain, mar bainim aoibhneas as: fonn bheith 'n-a fhochair. Budh mhór é a éileamh ar Ghaedhealaing, gur chaith sé bliadhain ó n-a chúram sa Ghaedhealtacht ghá foghluim: an dúil mhór a bhí aige innte. Scraiste díomhaoin gan éileamh ar ghnóth ná ar obair aige: fuairthéidh gur cuma leis cad mar gheall ortha. An mise chaithfidh éileamh an ghluaisteáin do dhíol díbh go léir?: an costas. Pé duine go bhfuil adhbhar éilimh aige ní hagat-sa é, fuairis-se cantam aon triúir: cúis ghearáin. Is ait liom aonne bheith ag éileamh an bháis ar do chuma, amuigh fé fhuacht a's fé fheannaid, gan do dhíol clúduighthe ort: ag lorg: ghod chur féin fé n-a léighe. Is iomdha fear tagtha ar a héileamh ach dhiúltuigh dóibh go léir: ar a lorg lé pósadh.

éilicean: (**éiligean**) *f.1.* aiste, stáid, cuma, clódh, órdughadh, módh scríobhnóireachta. Aois ná caitheamh ní raghaidh choidhche air, tá sé ar an éilicean gcéadna faid tá aithne agam air: clódh: aiste gan atharrughadh ar bith. Ní fios cad dhéanfaidh sé, dar leis an

ndochtúir, bás nó beatha do bheith aige, tá sé ar an éilicean gcéadna lé seachtmhain: gan feabhas ná olcas. Bail ó Dhia ort ní rabhais riamh ar éilicean níos fearr 'ná taoi anois, lasadh fola ionat, croiceann glan, sleamhain: stáid sláinte thar barr. Fuairtheas gach nidh ar an éilicean gcéadna mar fágadh an oidhche roim ré ach amháin taisce an airgid do bheith oscailte: san áit gcéadna, ar an gclodh céadna gan cor. An fuairthéidh d'fhág sé a bharraidhe ar an éilicean leis an lá do chuir sé iad, gan leasughadh gan glanadh: ar an gcuma. "Connus chaitheann sé a shaoghal anois?" – "ar an éilicean go bhfeacaís é" (olc nó maith): ar an órdughadh gcéadna. Moltar go mór an t-éilicean scríobhnóireachta atá aige, lé n-a shonaoidighe, a líomhthacht agus a shothuigse: módh dealuighthe scríobhnóireachta a bhaineas lé hughdar.

éiliceóir: (**éiligeóir**) *f.3.* fear dín, slinn nó tuighe go mórmhór díon scolb. "D'imthigh na héiligeóiridhe an lá d'imthigh an tuighe" (rádh) .i. ná raibh aon cheann ar thigh budh niamhaire ná budh chluthaire 'ná ceann maith tuighe.

éilidheacht: *b.3.* leanamhnachas: éileamh: fonnmhaireacht. Éilidheacht an domhain do bhíonn ag cat ar iasc a's 'n-a dhiaidh san ní fhliuchfadh a chosa chuige dá mhéid dúlach do bhíonn aige ann: fonn chuige agus an dúil mhairbh aige. Caithfead admháilt go mbíonn éilidheacht mhór agam ar Áth Cliath: fonn dul ann, a bheith ann, a thuairisc do chur, go mbíonn im smaointibh go mion minic. Ní mór an mhaith dhuit éilidheacht do bheith agat ar m'inghin-se, ní chuirfir an fáinne dlúith ar a méir choidhche ná go deó: bheith ag brath ar í do bheith mar chéile agat nó cion ná grádh do bheith agat. Cad é an éilidheacht atá agat ar an gcuideachtain seo? Blaise do phuis d'aonnidh atá ar siubhal ann ní bhfaghair. Gread!: leanamhnach, fonn coidrimh a's tnútha.

éilighim: *b.a.* iarraim, loirgim de bhuannacht, sírim, agraim, leanam an dlighe (ar). Cad éilightear ar na brógaibh seo?: cad é an luach ar a ndíolfar iad. Éiligheadh ocht bpúint orm i ndiaidh na culaithe seo: iarradh an méid sin airgid. An-aonach dob eadh é, fuair sé ar éiligh (éilimh) sé: an méid a iarr mar fhiacha na h-earra a bhí dhá dhíol aige. Mo thruagh thu, ní ag breith aon bhreithe ort é ná ní ghá chasadh leat é, is fada gur éilighis Dia na Glóire: gur athchuinighis a chabhair ná gur chuiris in iúil do in úrnaighe gur admhuighis a bhéith ann. Éileóchad a inghean air, an dóigh leat go dtoiltneóchaidh lé n-a tabhairt dom: iarrfad a chead air aontadh lé hí do bheith mar chéile agam. Éileóchad mo chuid féin, cion duine, dréir mar is dleaghthach dom: iarrfad dréir mo bhuannachta. Más mian leat agus más dóigh leat go bhfuil an ceart agat éilimh an dlighe orm: beir os chómhair cúirte me ag lorg do chirt. D'éiligheadh sí an iomad ar bhéile bídh, níl an trácht chéadna aice: is fearr leis na daoinibh dul in áit is saoire: d'iarradh (agus bhaineadh amach) mar dhíolaidheacht. Is maith an scéal thu do bheith gan airgead, ná héiligh orm-sa, mar níl sé agam ná me 'n-a bhun duit: ná loirg orm-sa é mar shaghas buannachta trí choidreamh, muinnteardhas nó cómhardughadh. Aon faic in ao'chor ní éileóchadh sé orm as an iasc: fuaireas é in aisce.

éilighthe: *a.r.* loirgthe, iarrtha (de bhuannacht): buannaidheacht déanta air. Is tú an chéad duine riamh gur teasbáineadh do an seómra so, cé gur minic san éilighthe, ach fuaireadar an t-eiteach: iarrtha mar chomaoin. Táim éilighthe chun na dlighe chun fiach do bhaint díom toisc nár dhíolas iad: agartha: seirbheálta lé teacht os chómhair na cúirte chun

freagartha do thabhairt san nidh go bhfuilim cúisighthe leis. Cuir uait an chathaoir sin, tá sí éilighthe rómhat: tá sí iarrtha, agus tá buannacht a faghála gen té a iarr í. Ní fada bhíodh an cíos éilighthe nuair caithtí a íoc, mar budh bheag an trócaire a bhí gen dtighearna: loirgthe de cheart. Dá mbeadh mo chabhair éilighthe ag fiche duine romhat ní bheadh do bhuannacht ge haonne orm: iarrtha mar shaghas cinnteachta gur chóir dom teacht chúcha.

éilightheach: *a.* buannachtamhail, loirgtheach: iarruightheach, fiafruightheach, agruightheach. Fear éilightheach nár bhuail i mball ná i mbeárnain riamh liom ná beadh ag cur tuairisce gach aonne: fiafruightheach: leanamhnach: ag lorg feasa na ndaoine go muinnteardha, deaghmhéineach. D'íosfadh sé an "folca te", is tearc duine is éilighthighe ar fheóil 'ná é: is mó fonn ná is minicighe gur mian leis a hitheadh. Fé láthair táthar an-éilightheach ar ím na hÉireann toisc a dheacracht é do bhreith go Sasana ó thíorthaibh eile: mórán dhá lorg agus luach a's glaodhach mór air. Gidh ná fuil an breac so ag dul ar mo dhubhán tá sé éilightheach go maith ar an mbaoite, mar brathaim ghom phriocadh go minic é: tá caitheamh 'n-a dhiaidh aige: is áil leis é. Chídhfeá ar gach tórramh é agus i ngach sochraid, nách éilightheach an duine é: muinnteardha: leanamhnach: tugtha do bheartaibh muinnteardha, comaoineacha do dhéanamh. Bheadh i bhfad níos mó measa ag daoinibh ort ar gan bheith leath chómh héilightheach ar gach aonnidh do chídhir: gan oiread dúlach ann é do bheith agat. Bíonn sí i gcómhnaidhe ag cur do thuairisce, an–éilightheach ar bheith id chuideachtain: caitheamh mór aice id dhiaidh. Má cheannuigh sé ar an áirighthe sin féin é agus nár éirigh an saoghal leis, ná maithfeá cuid éigin do a's gan bheith chómh héilightheach air: chómh dian ar a thóir chun an iomláin do bhaint amach.

éilightheóir: *f.3.* duine a iarras, a loirgeas de bhuannacht, a leanas an dlighe (ar), iarrthóir. Dearbhuigheann an t-éilightheóir gur bhuail an cosnach é: an fear, an té atá ag agairt na dlighe ar an té go bhfuil an chúis luaidhte leis (air). Tá breis a's aon éilightheóir amháin im dhiaidh, mar cailín fiughantach is eadh me: duine atá ghom lorg i bpósadh. Éilightheóir an-dhian seadh thu a's bheith ag baint fiche púnt as an gcasóig sin: duine atá ag cur an iomad i gcoinnibh ruda atá dhá dhíol aige. Táim ithte im bheathaidh ge fiachaibh, os chionn céad éilightheóir, a's airgead aca go léir orm, ar mo thóir: iasachtaidhe: duine dá ndlighthear fiacha. "Is sia cuimhne an éilightheóra 'ná cuimhne an fhéichimh" .i. má dhearmhadann an té go dtugtar do ní dhearmhadann an té a thugas. Cá bhfuair sé an plúr, a's gur shaoileas ná raibh gráinne ar an mbaile dhe? Nách maith an t-éilightheóir é: ná fuil sé go maith ar lorg ruda. Táim dall ar cé leis an suidheachán so, tá fiche éilightheóir air: lorgaire: siridhe.

eilit: *b.2.* fiadh baineann; fioghardhacht, bean chaol, lom árd. "Spiota fiadha" níl ar an eilit mhná so agam-sa, tá na cnámha ag polladh an chroicinn uirthe: bean sheang, caolchosach, caolghéagach. Gan aon choinne ag aonne leis, baineadh preab as a's thug sé léim na heilite go ndeachaidh sé faid mhór ó bhaile: léim lúith, léim iongtach. "Níor fhág sé eilit chabliath ná tarbh cabreamhar gan treascairt a's do dhíthcheannughadh" (seanscéal).

éilmhear: *a.* muinnteardha, loirgeach, fonnmhar (chun): ceanamhail, fonn sealbha. Tá an bheirt aca san éilmhear ar a chéile: cion aca ar a chéile le haghaidh pósta, b'fhéidir. Céaca

is éilmhire ar an Iarthar nó ar an nDeisceart thu chun dul ag foghluim na Gaedhilge ann: céaca gur mhéine leat dul ann?: céaca is mó chuirfeadh aoibhneas ort? Nuair bhuailfeadh sí leat bíonn sí n-a mnaoi éilmhear: fhiafruightheach, lághach, tais. Bean go bhfuiltear éilmhear uirthe í: gur mhian lé mórán í do bheith mar chéile aca. Is éilmhire bítear ar Dhochtúir Ó Seághdha ná ar Dhr. Ó Murchadha: is é is mó a gheibheas glaodhachanna breóidhteachta. Táthar éilmhear ar fhearaibh óga chun dul 'on arm anois toisc an chogaidh: go dian dá lorg: trácht mhór. Cé nár iarr sé marcaidheacht orm é do bhreith go Corcaigh d'aithnigheas ar an méid cainnte do dhein sé 'n-a thaobh go raibh sé éilmhear air: go raibh fonn air dul ann agus dul lém chois ann. Éilmhear ar Éirinn: cion uirthe agus bheith do shíor ag trácht uirthe, agus í do bheith in inntin dhuine.

eilteóg: *b.2.* "gligín", ruidín gan splinc mheabhrach: ceann suip. Mo thruagh í, is beag an fhuaimeant ná an stuidéar mná óige atá léi, ach ag imtheacht 'n-a heilteóig ar rinncidhibh a's i hallaidhibh ceóil: guaigín.

eilteóg: *b.2.* eiteall mear, luaimneach, léim ar nós éin. Gan choinne ag aonne a bhí láithreach leis, ná a fhios aca go raibh sé de lúth ann, thug sé aon eilteóg amháin as a chorp, ghlan an claidhe agus as go bráth leis: léim lúith: léim eilite: léim ar nós an éin. Capall teasbamhail nár baineadh lá oibre as, gach aon eilteóg aige, ag caitheamh a thóna: ag léimrigh mar bheadh ag eiteallaigh ó thor go tor.

éimeachta: *b.5.* an t-eiteachas, an diúltamh. Ar theacht chúcha d'aithnigheadar gur rud éigin a bhí uaim mar cheileabharadar duine ar dhuine as mo radharc, sin mar thugadar an t-éimeachta dhom: an diúltamh: an séanadh gan chao iarratais do thabhairt dom. Is mairg do dhuine bhocht bheith ag lorg mar is minicighe an t-éimeachta aige ná an bronnadh: gan an rud a bhíos uaidh d'fhagháil. Gach uair do bhíonn sé éilmhear ar mo chuideachtain tugaim an t-éimeachta do: séanaim é: seachnaim a chómhluadar. Nuair bhíos bocht budh líonmhar iad lucht m'éimeachtan, anois is líonmhar iad lucht m'éilimh: an drong a shéanfadh agus a sheachnóchadh me agus an drong atá ag rith im dhiaidh.

éimim: *b.a.* séanaim, seachnaim, diúltuighim de, éaraim. Lasmuigh de ní raibh galántacht ná flaitheamhlacht - fear, bean, ná páiste níor éim sé riamh ar aon rud a loirgeadh air agus a bheith aige: níor eitigh: níor chongaibh aige féin an rud a hiarradh air. D'iarr sé an inghean lé pósadh ach ambasa cé go raibh sí féin toilteanach d'éim a muinntir air í: ní bhfuair í: séanadh air í. D'éimfinn an duine sin dá me thu, mar nách cómhluadar oireamhnach d'aonne meastamhail é: do shéanfainn bheith 'n-a choidreamh ná 'n-a chuideachtain: d'fhasanóchainn é. Éimeadh Muire agus Seosaimh ar ósdaidheacht i mBeithil: gidh go raibh ann ní bhfuaireadar í. Ná héim m'athchuinghe ar rud bheag, an nidh atá uaim ní bhochtnóchaidh sé thu: ná diúltuigh í: ná neamhthoilteanuigh lé n-a bronnadh orm. Ar dhul don seanmhnaoi, a mháthair, ar a thuairisc, eisean saidhbhir, ise bocht, d'éim sé í, ní mór gur leig air gur aithin sé í, a's d'fhill sa chasadh chéadna uaidh: shéan í: níor admhuigh sé an urraim di budh dhual di d'fhagháil ó n-a mac.

éimeadh: *f.* (*éimthe*) diúltughadh: seachnadh, séanadh: neamhadmháilt fírinne. Riamh níor bhuaileas umat ná gur loirgeas aisce áirighthe, gan a rádh liom ná faghad ná go bhfaghad, bír ghom éimeadh: ghod sheachaint féin orm gan a rádh as an gceanntsláine

gur fuar mo ghnóth. An bochtán ar an mbaile mór a's gach aonne go raibh aonnidh aige ghá éimeadh: ghá sheachaint ar eagla go mbeadh sé ag tnúth lé haon rud uatha, nó go mbeidís caillte leis. É ag síorlorg póige uirthe, a's í ghá shíor-éimeadh: gan toiliughadh gan eiteach ach ná tugann. Maoidheann na Gearmánaigh go bhfuil cabhlach Shasana ag éimeadh catha ar a gcabhlach féin: ag obadh catha: go bhfuilid ar gach slighe d'iarraidh fanacht as a mbealach go seachantach.

éimhtheach: *a.* glórach, geónach, clamparach, gleódhach. D'éirigheadar chómh héimhtheach san nuair bhí a ndóthain ólta aca go gcloisfeá míle ó bhaile iad, a's nár chiúnuigheadar gur scaip na gárdaidhe iad: geónach: glamghail aca. Bhailigh sluagh éimhtheach lasmuigh den bpríosún ag amhrán 'sag glamghail ag lorg fuascalta na bpríosún: sluagh glórach, clamparach. Na leanbhaidhe go héimhtheach lé hocras, ar lorg bídh: iad ag gol 'sag béicigh a's gur dheacair a gciúnughadh.

éinchreach: *b.2.* scrios iomlán: milleadh millteach, lomadh ó bhonn. Chuaidh an tigh trí theine a's deineadh luaithreán de n-a raibh ann, nárbh é an t-éinchreach é: scriosadh gránda ar a raibh ann. Riamh ní raibh de chlainn againn ach aon mhac amháin, thuit sé le haill, b'é ár n-éinchreach-ne é: scrios a bhás ar fad sinn.

eineach: *f.1.* féile, fáilte, meas mór, coimire (comraighe). Chuaidh sé ar ionchaibh Shéamais gan leigeant dóibh é do bhaladh: fé n-a chosaint, chomraighe. Thug a dheaghbhearta féin eineach do ar fuaid an cheanntair mar budh mhó bail agus comaoin do chuir sé ar na daoinibh: a fhéile: a bhoigéis chun maitheasa do dhéanamh. "Is fearrde an t-eineach mall druideam 'n-a choinnibh" (seanfhocal): deirtear so nuair chídhtear maitheas dhá dhéanamh rómhall go ndeineann an té go mbítear ghá dhéanamh do rud éigin chun a luathuighthe. Cá hiongadh daoine bheith ag teacht ag lorg ort, nár airighis riamh "gur fada théigheann teist an einigh" .i. gur fada ó bhaile scaiptear cáil an té a bhíos fial, go mórmhór chun déanamh air.

eineachamhail: *a.* fial, sconnabheartach, onórach, trócaireach, géilleamhail. Nách mór an tréith ar dhuine bheith eineachamhail gan bheith maoidhteach: do dhéanamh deaghbheart a's gan a bhéal d'oscailt ortha. Bíodh do lámh eineachamhail fén roinnt, ná bí sprionnlaithe ar an dtómhas: bíodh flúirse ag baint leat. Rud ní dhearna sé riamh ach rud b'eineachamhla 'ná a chéile, cé fhéadfadh a rádh go ndearna rud sprionnlaithe ná náireach: onórach. Bíonn Dia eineachamhail linn dá mhéid feirge chuirimíd air, níl peaca dá thruime ná go maitheann ach umhlughadh Dho: trócaireach: iochtmhar.

éinfheacht: *i ráidhtibh* lé chéile, ar aon am. "An fuacht 'sa fuadach in éinfheacht" (rádh) .i. deirtear nuair imthigheann mísheól ar aonne. In éinfheacht sibh, a fheara: deinidh bhur mórdhícheall in iarracht acfuinnigh. Bímíd-ne in éinfheacht: téighimíd lé chéile ar gach toisc: do shíor i gcuideachtain a chéile. "Más maith in ao'chor sinn is maith in éinfheacht sinn" (rádh) .i. lé cabhair a chéile beam ar fheabhas. "Ní hin éinfheacht a deintear na caisleáin" (seanfhocal) .i. is deacair rud deacair do dhéanamh d'aon iarracht. Ó! Dia linn, é do theacht in éinfheacht orm, an bás gráineamhail seo: é do theacht go hobann, uathbhásach. Beir in éinfheacht air agus ná bí chómh liobarnach: in aon ailp amháin: ní 'n-a chuid a's 'n-a chuid. Ól in éinfheacht an bainne: in aon tslog amháin. Feicimís in

éinfheacht iad: sinn go léir ar an uain gcéadna. Gan tú bheith in éinfheacht liom b'uaigneach dom: im fochair.

éinne: (**aon'ne, éinneach**) aon duine, aon phearsa, daonnaidhe amháin. "Táimíd ar an t-éinne amháin" (rádh): níl againn ach duine amháin clainne. Níl agam ach an t-éinne anois .i. fear céile, bean chéile nó duine clainne. Go bráth ní phósfaidh sé ó imthigh an t-éinne uaidh: an cailín b'annsa leis fén ngréin. Ar mh'anam-sa féin ná fuil aon mhilleán agamsa ort mar nách tusa an t-éinne amháin do dhéanfadh é: na sluaighte ann a dhéanfadh an rud céadna. Creid me leis gur tu an t-éinne amháin riamh is measa liom: neach eile níl sa domhan is fearr liom. Éinne amháin eile ní dhéanfadh oiread scríobhnóireachta: níl neach eile. Éinne a déarfadh liom é ach do chorp ní chreidfinn é: is tusa an t-aon daonnaidhe do chreidfinn roim dhuine ar bith eile. Thabharfá biadh agus deoch d'éinne gurbh éinne leat é ach don alfraits úd níl tuillte aige ach an chroch!: duine go mbeifí meastamhail air. Dá mbudh éinne é gur b'éinne é budh chuma leat ach raispín mar é siúd: duine gur bh'fhiú trácht air ach duine gan áird, etc. "Cé theastuigheann uait?" – "éinne in ao'chor gur b'éinne deallramhtach é": neach ar bith go mbeadh de chuma air go ndéanfadh cúis. "Cé tá annsan? cloisim duine éigin ag bualadh?" – "éinne" .i. duine éigin nách call innsint nó atá imthighthe etc, etc.

éinnidh: (**aon'nidh**) *f.* (*iol.* éinnidhthe) rud amháin, aon rud. "Cad tá ort? tá cuma bhreóidhte ort" – "éinnidh": faic: níl aon rud. "Éinnidh eile anois?" – "éinnidh": níl faic eile, ach – "éinnidh amháin" .i. tá an méid seo etc. Gheóbhfá ar éinnidh biadh ann .i. bíonn biadh an-shaor ann. D'imthigh sé ón dtigh seo gan éinnidh: gan faic d'itheadh nó gan an rud a bhí uaidh d'fhagháil. "An dtagann éinnidh air siúd?" .i. an dtagann taomacha neamhmeabhrach air nó spreanganna nó treighdeanna. "Cad tá uait anois?" – "éinnidh": faic (ach do bheadh ach theastuigh uait é do thógaint i ngan fhios nó rugadh i mbéal na séibe air). "Nár chuiridh Dia éinnidh ar éinne a ghoillfeadh ná fhóirfeadh orainn" (rádh): aon iomard. "Tá gearradh maith 'n-a chois" – "ní héinnidh é sin": ní fiú biorán a's é.

éint: éigin. Chonnac in áit éint é.

éin-teach: *f.* (*-ighe*) líon tighe, muirghean, teaghlach. Sé an t-éin-teach é go bhfaghfá do dhóthain lé n-itheadh ann: an tigh céadna. D'éin-teach sibh go léir?: d'aon líon tighe.

eire: *b.4.* ualach, ualach trom. Mhuise as do chuisleannaibh é, a gharsúin, ar mh'anam-sa go bhfuil ceól ionat agus t'eire thiar ort: dóthain aon fhir d'ualach d'iomchar. Cuireadh eire fir go maith d'iomchar ar an mbacach sar ar fhág sé an baile fial, fairsing: ualach mór (mine, prátaidhe etc.). Ní déarfá san gur bh'fhir laga iad súd dá bhfeictheá na heiridhe troma guail a iomcharaid: ualaighe marbhthacha. Mhuise, a sheangáin, ní mór ná ní trom é t'eire!: ualach. Maran tú do thug an t-eire chugham! .i. an rud nách fiú a áireamh lé n-a thoirt ná a thruime.

Éire: *b.5.* an tír seo againn. Ar Éirinn ní thabharfainn easurraim duit: ar rud mhór, mhaith: in ao'chor ní dhéanfainn é. Ná déin ar Éirinn é!: ná bíodh sé den mhío-ádh ort, mar gheóbhfá náire dá dheascaibh. Dá bhfaghainn Éire air, go mbrisfeadh Dia mo chroidhe, ní fhéadfainn bogadh ná sáthadh do bhaint as: bhíos ar mo chroidhe díchill, ach

theip orm. Ar theacht amach ar an mín-tír do mhnaoi ón Oileán Tiar agus i Mullach Máma aice, lé hiongtas d'éigh; "is fada, fairsing í Éire!". "Bí-se ag cur díot as an oifig seo, níl maith ná cóngnamh annso ionat" – "is maith an rud go bhfuil Éire fada, fairsing agam": cuimhnigh gur áit mhór Éire chun bearta chómh maith léi seo d'fhagháil innte. Éire bheith air, ní réidhteóchaidís lé chéile!: saoirse na hÉireann do bheith i dtreis. Ar Éirinn do thabhairt dom (isteach im dhorn) níl ar mo chumas corruighe: dá mhéid a gheóbhainn as etc. Sítheach, grádhach do chaitheadar furmhór a saoghail i bhfochair a chéile, ach pé in Éirinn é do dhein rud éigin clampar eatartha: acht fós: dá aindeóin sin agus uile. Ar rádh "pé in Éirinn é" tagann cor éigin isteach in éirim na cainnte. Is deacair dom dul ann, beidh mórán costais orm, obair seachtmhaine chun deiridh leis, ach pé in Éirinn é raghad ann: mar sin féin agus uile. Pé in Éirinn an fear san, is breágh an aradha fir atá aige: is cuma cé hé etc. Budh chóir go mbeadh aithne agam ort. Táim ar mo dhícheall d'iarraidh tú do bhreith chun mo chuimhnte ach ní fheadar in (ó) Éirinn cé hé thu: sa domhan bhraonach: de dhaoinibh Éireann. Cuir díot! chómh luath (mear, tapaidh) in Éirinn agus is féidir leat nó is tinn duit: ná bíodh a thuilleadh umat: ná coigil do lúth: ná fásadh puinn den bhféar féd chosaibh. Chómh luath in Éirinn a's chonnac é scannruigheas lé n-a ghráineamhlacht: a thúisce: ní raibh ach a rádh go bhfeaca é: sin a raibh ann ach go bhfeaca é. Ní fhéadfainn a thabhairt chun cruinnis cad bhí ann mar bhí sé i bhfad Éireann ó bhaile: faid na foidhle, faid gach nfhaid: a fhaid agus b'fhéidir d'fheicsint. Chaith sé i bhfad Éireann thar lear, os cionn fiche bliadhain. A (ó) thalamh na hÉireann ní rabhas i ndán géag liom do chorruighe: b'fhuar dom gach iarracht. "Tá sé de theist air go bhfuil airgead aige" – "a lán Éireann": cuid mhór ghroidhe airgid. Fir (feara) Éireann ní chiúnóchadh é, bhí an oiread san feirge air: an saoghal Fódlach: fir an domhain uile. "B'fhearr leis aige féin í 'ná Éire gan roinn", mar dubhairt an Paorach: chuirfeadh sé aon rud 'n-a cumha. "Éist, a amadáin, is fada uaidh thu, táir, mhuis, faid na hÉireann: achar cian. "Cad é an méid talmhan atá aca súd?" – "faid agus leathad na hÉireann": na mílte acra. In Éirinn ní bhfaghfá a lithéid d'fhear: in áit ar bith eile.

Éireannach: *f.1.* duine gur b'é Éire a thír dúthchais. Deirtear le greann, cuir i gcás, dá mbeadh rud gan tábhacht mar breac beag éisc ann – "cá bhfuairtheas an tÉireannach?" Nuair deintear feall, deirtear lé déistinn, "sin é an tÉireannach airís agat" .i. an té a leigeadh air gur bh'árd-Éireannach é. "Dá mbeadh Éireannach ar bior gheobhfí Éireannach a iompóchadh é" (seanfhocal) .i. go bhfuil sé réidh, éascaidh do shíor ar an bhfeall d'imirt. [Mo thuairm féin gur fada siar an seanfhocal é seo, tráth bhíodh na daoine fé dhaorsmacht agus gur mhinic dob fhéidir faisnéis d'fháscadh as dhaoinibh]. Tar lear nuair chídhtear beart thar bheartaibh dhá dhéanamh ag Éireannach deirtear go suimeamhail: - "fág fén Éireannach é" .i. ní bheadh a mhalairt de thuairm agam fé le n-a fheabhas.

éirghe: *f.* (*-ighthe*) do dhul suas, anáirde: do theacht i suidhe, mar an ghealach nó an ghrian: do ghluaiseacht anáirde ó aiste sínte nó suidhe mar dhuine (do dhul) 'n-a sheasamh: borradh: do ghlacadh arm i gcóir círéibe nó cogaidh: ceannairc, easard: téarnamh: dul chun cinn: ascnamh. Bhíomair ag éirghe an chnuic go maith gur thosnuigh na clocha ag stroilleamhaint ó n-ár gcosaibh a's b'éigean dúinn filleadh: ag ascnamh: ag gluaiseacht suas 'n-a aghaidh. Tá ag éirghe leó go maith san áit úd, tá a ndóthain de gach nidh aca: ag dul chun cinn. Is amhlaidh mar tá agam ná fuil ag éirghe liom ná ag dul im

choinnibh: idir eatartha atá an saoghal agam: táim ar aiste chómhnaidhtheach. Táid ag obair ar lán an bhata ó mhaidean agus ní fheictear dom aon mhaolughadh ach a mhalairt ag éirghe ortha atá: ag méadughadh ar a bhfonn agus ar a dtoradh. Ag éirghe atá ar an lá: is ag dul in olcas, i dteas, etc. atá sé. Bhíos díreach ar tí éirghthe ort (imirt chártaidhe) nuair tháinig groga ionam: tusa ag dul isteach ar do cheart agus mise chun tu do bhualadh. D'athchuinigheas air ciall do bheith aige agus ciúnughadh, ach ní éistfeadh liom, is ag éirghe air do bhí: ag méadughadh ar a chuthach agus a mhíofhoidhne. Aithnighim ar an ngluaisteán go bhfuil éirghe ar an mbóthar annso: go bhfuil sé níos aoirde. Éirghe agus tuiteam na taoide: borradh (bolgadh) agus ísliughadh. Tá an taoide ar éirghe: an taoide ag líonadh (tá sé 'n-a thuile). "Ná raibh éirghe suain air" (rádh), deirtear le duine nó ainmhidhe le linn feirge nó líonrith. Maran ort atá an t-éirghe earbaill ná fanfadh socair: teasbach: nách fios duit cad is ceart duit do dhéanamh leat féin. Chómh luath in Éirinn a's chonnaic sé go raibh an bád imthighthe uaidh a's gur fágadh go toilteanach ar an gcaladh é tháinig éirghe ó thalamh air: buile a's báinighe. Féach uirthe a's an t-éadach scléipeach, is mór an t-éirghe ó thalamh ar inghin dhuine bhoicht é: meas a's tóirtéis. Féach ar an mbollóig sin, an bhfuil aon éirghe uirthe: at: borradh. Léigheas ar an bpáipéar go raibh éirghe ar stoc ar mhargadh Bh'l'Áth Cliath: breis luach ortha. Ó mhoch na maidne táim ag iascaireacht ar loch agus oiread agus breac níl agam, ní raibh aon éirghe indiugh air: aon fhonn beartha. Cad é an t-éirghe ó thalamh é seo go bhfuil an maoidheamh go léir go ndéanfá mionbhrúin de chnámhaibh aonne annso: dul san aer: ag imtheacht fiadhain: ag dul le fiar dabhaigh. Mhuise, budh mhór an t-éirghe ó thalamh a bhí in Áth Cliath nuair bhíodh daoine saidhbhre, cumasacha 'n-a gcómhnaidhe sa chearnógaibh: mórtas: caitheamh aimsire: scléip. Nuair d'ionnsaigh an lachlong (bád fé thuinn) an long cogaidh b'éigean d'ise éirghe ó thuaidh: druideam seal sa treó san. Ar an am gur thosnuigh sé ar ghadaidheacht bhí sé ag éirghe ó smacht a mhuinntire: ag cur an smachta dhe: ag éalughadh uaidh. Á! creid é, a dhreatháir, gur mhór an t-éirghe (ó) chroidhe dom-sa mo dhreatháir a bhí ar fán leis na ciantaibh do bhualadh liom: an t-áthas croidhe: an t-aoibhneas a's an subháilceas aigne. Éirghe ó bhrón dom tu do bhualadh liom: imtheacht: brón d'fhágaint im dhiaidh. Ag éirghe ón dtalamh do bhí an long gur imthigh as radharc: ag druideam amach ón dtalamh. Ar éirghe ó aon phréimh dúinn cá hiongadh leanamhnachas do bheith againn ar a chéile: sinn do lingeadh (do theacht) ar an síol gcéadna. Beidh éirghe amach sa tír úd in aghaidh na ndlighthe dian agus treascrófar an riaghaltas: beidh triall na ndaoine ar arm agus troidfid. Beó, bocht, dealbh dóibh gan ortha ach na giobail, mar ná fuil éirghe an tsaoghail leo: ní ritheann leo .i. caillteár a ndaoine nó téigheann a gcuid 'n-a gcoinnibh. Is tusa nách iongadh dhuit éirghe anáirde do bheith ort ó tá éirghe an tsaoghail ort: gach aon rud ag teacht díreach mar déarfá 'bíodh sé mar sin': ádh an tsaoghail. Tigh seadh é ná fuil aon éirghe stuic leo .i. go gcaillteár an stoc nó ná tagaid chun cinn. Is olc an bhail ar an lánamhain bhoicht ná fuil aon éirghe clainne ortha (leo): ná mairid. Cad é an diabhal atá ag éirghe dhuit ná fanfadh socair: ag tárlachtaint duit. Cad tá ag éirghe dhuit in ao'chor go mbíonn rud éigin ag éirghe dhuit an uile lá: cad is bun leis go mbíonn rud éigin as slighe (ósbairt etc.) ó ló go chéile. Níor dheacair a mheas go raibh drochrud éigin ag éirghe dho a's a leadaránaighe bhí sé: ag tárlachtaint do: i dtreis leis. Ní fheadar ó thalamh na hÉireann cad é an diabhal atá anuas orm go mbíonn mísheól éigin ag éirghe dom an uile lá éirighim dem leabaidh: ag tuiteam orm. Beidh ag éirghe dhuit muna bhfanair socair: beidh rudaidhe bunoscionn leat: imtheóchaidh tionóiscidhe ort. Nách dóigh leat ná go bhfuil ag éirghe fén ngarsún san go

maith, chuaidh toirt mhór lé bliadhain air: fás maith fé. Beir breágh bog ar gach éinnidh, ná bíodh ag éirghe fút ar bheagchúis: ná bíodh fearg ná líonrith ag teacht ort ná suathadh. Dheineas a raibh ar mo chumas chun a maoluighthe, gheallas gach éinnidh a iarrfadh sí orm, ach is ag éirghe chugham do bhí sí: ag dul i ndéine: seadh is mó bhí olc aice chugham. Cártaidhe seadh rud gur furaiste lé daoinibh éirghe chun a chéile mar gheall ortha, go mórmhór má dheineann duine aon chalaois: achrann do theacht eatartha. Nuair chonnac ag éirghe chun gaoithe an lá machtnuigheadh dhom gur bh'é an mádh i gcártaidhibh agam bheith ag baint na tíre amach: ag dul chun gaoithe: gaoth nó breis gaoithe ag teacht. Ag éirghe chun aoise, ag éirghe chun laige: ag dul... ag dul. D'fhágas iad ag éirghe chun an diabhail chun a chéile: buile a's fonn broide ortha. Caithfead éirghe dhíot mar leanbh ní chuirfeadh Éire smacht ort, agus tú d'fhágaint fé dhuine éigin eile: iarracht smachta do thréigean: tú do thabhairt suas. B'éigean dom éirghe suas den scoil mar nár bh'fhéidir faic do chur im cheann cipín: í do thréigean. Faid agus fhágfaidh Dia lúth im ghéagaibh ní dhéanfad éirghe suas den obair go mbí deireadh leis an saothar: ní staonfad di. Caitheann aonne, a chuireas roimis an saoghal do thuigsint, éirghe dhe, téigheann sé dhe é do léiriughadh: é d'fhágaint annsan. Dubhart leó éirghe dhe agus gan é do mharbhadh: stad de bheith ghá bhualadh. Ní raibh faic le déanamh aca ach éirghe as mar obair mar ná raibh a sásamh airgid dá fhagháil aca: stad di. Tá breis chéille ag teacht do, tá sé ag éirghe as an ól: ghá sheachaint: ghá thréigean. Is fearr éirghe as dhrochrud 'ná leanamhaint de: deireadh do chur lé n-a thaithighe. Tréis éirighthe as an gcath do ghach taobh d'fhágadar na sluaighte marbh ar an bpáirc: tréis stadta dhóibh. Ag éirghe in aois dom, ag éirghe i gcéill dom: ag dul... ag dul. Ag éirghe i bhfeirg (i ngile, i ndoircheacht, i bhfuaire, in olcas etc.): ag dul i etc. "Mo thuairm go bhfuilid ag éirghe dá chéile", deirtear lé daoinibh a bhíos ag cur deireadh le troid eatartha nó lé beirt bheadh ag suirgheacht ar feadh i bhfad agus go mbeadh a gcion ag fuaradh. Talamh maith é sin taithnigheann liom an tslighe atá sé ag éirghe dá chéile ón gcéachda: an fód ag scaramhaint leis an ithir gan briseadh. Scannróchaidís an croidhe budh mhisneamhla na tonnaidheacha móra, árda ag éirghe de dhruim a chéile ag déanamh orainn. Is maith liom a chlos go bhfuil ag éirghe leat chómh maith agus budh mhaith liom, cloisim go bhfuil ádh an domhain ort: go bhfuilir ag dul chun cinn. Léimeamair isteach 'on ghluaisteán, seo linn, a's bhí ag éirghe linn go háluinn gur phléasc bonn! annsan stad!: gach rud mar budh mhaith linn. "Connus tá an duine breóidhte?" – "ar fainnéirghe": ag teacht ar athshláinte. "Luighe gan éirghe ort" (drochghuidhe): marbh go bhfaightear tu! Déarfá so lé madra a bheadh ag sceamhghail ar dhuine a's nár mhaith leat san. An dóigh leat ná go bhfuil an aimsir ag éirghe, sin gealas, cómhartha maith, ag teacht sa spéir thiar: ag scartadh: ag éadtromughadh. Is mór an t-éirghe atá i bplúr ó thosnuigh an cogadh, coróin sa phaca: breis luacha. B'fhearr liom fanacht ar an dtalamh tirim indiugh 'ná dul ar an bhfarraige, tá éirghe innte: borradh, at. "Connus tá do mhac?" – "níl aon éirghe ann": bíonn air an leaba do chongbháil. Ualach róthrom dom ná féadfainn éirghe fé: seasamh agus é do choimeád ar mo dhrom. Sin fear sa leabaidh sin gur b'oth liom ná fuil aon éirghe os a chionn: fear a gheóbhaidh bás innte. Sin é an sclábhaidhe a bhíos 'n-a chnuig ithearach ó éirghe go fuineadh gréine ó dhubh go dubh. Stad an capall lé saothar ge éirghe an bhóthair: árdán. Caithfir maolughadh ar an siubhal, mar tá éirghe talmhan ann: cnapóg, árdán. M'easnaidheacha chómh goirtighthe sin ná féadfainn éirghe aniar sa leabaidh: "suide aniar", suidhe ar mo thóin. Sé an buachaill é go bhfuil an t-éirghe fachta aige anois 'n-a cheann ar an gcuallacht, nuair thosnuigh 'n-a theachtaire garsúna: an dul chun cinn: an t-

ascnamh. An ag éirghe as a thóin ataoi?: ag déanamh cúltacaidheachta leis. Ní nár duit éirghe thiar as, sé an tseóid mic agat é (leamhas): budh cheart duit do bheith maoidhtheach as chun tacaidheachta do dhéanamh as. Ag éirghe ar a ingnibh deiridh chugham, budh dhóigh leat air go raibh cúis mharbhtha aige orm: buile a's duabhais air chugham: as a mheabhair ghom imdheargadh (ag faire ar me do bhualadh). Chómh luath a's chuala gur thuit an t-anam tur te as tháinig éirghe croidhe orm, ní mór ná go dtáinig laige orm: suathadh croidhe. Níor fhéachas riamh maidean áluinn ar na Blascaodaidhibh ná go dtiocfadh éirghe croidhe orm le haoibhneas: girréis: subháilceas corruightheach. "Is fusa tuiteam ná éirghe" (seanfhocal): ní mór do dhuine bheith do shíor ar a aire féin dá dhaingne a ionad.

éirighim: *b. n-a.* seasuighim, suidhim amach as leabaidh bhreóidhteachta: brisim (amach) i gcoinnibh smachta, ughdaráis nó cómhachta: tagaim ar barr(a) ar uachtar (uisce etc.): méaduighim: téighim chun cinn. Ná déinidh scéal an chaipín deirg de, éirighidh as, tá na daoine bodhar agaibh leis: tréigidh é: tugaidh suas é. Éirighimís aiste mar obair, tá dóthain lae déanta againn: scuirimís di. Cad n-a thaobh gur éirighis ar mo chárta?: gur bhuailis é le cárta dob fhearr. Táim éirighthe as an ólachán: tugtha suas agam. Dubhart focal seóidh leis ach is amhlaidh d'éirigh air chugham: tháinig cuthach air. A Dhia na bhFlaitheas, nuair chonnac an marbhán i gcionn mo chos d'éirigh mo chroidhe orm (le heagla): léim sé: phreab sé. Éirigh ar an gcapall, ceannófar é: méaduigh an luach. Ná héirigh ar buile chugham-sa, mar ná fuil tor madra agam ort mar seo nó mar siúd: ná tagadh fearg mhór ort. "Luigh leis an uan a's éirigh leis an éan" (seanfhocal): go hanmhoch. Éirigh ort amach, tá duine éigin deóranta ag teacht, agus cuir fáilte roimis: buail amach, etc. D'éirigh sé cruinn díreach anáirde nuair tugadh leasainmneacha air: d'imthigh sé gan chiall gan mheabhair: "tháinig cubharán bán leis": fearg tar fheirg air. Sin fear mín, macánta, deaghiomchair nár éirigh riamh air: nár chorruigh lé feirg. Ná bíodh aon eagla ort roimis, éirigh fé!: ionnsaidh é: téighir 'n-a threis: féach do neart leis. Táir ar lár aige, éirigh air: cuir díot é agus bí it sheasamh. D'éirigheas ar mo leathghlúin tréis tamaill: bhíos i ndán seasamh ó luighe an méid sin. Éirigh ar an mbád san: téighir sa ghaoith uirthe. Éirigh díom, táim cortha agat: leig dom féin. Éirigh suas díom: tóg do chorp díom. Tréis bheith ag gabháil dá chéile ar feadh an lae, d'éirigheadar dá chéile cortha: tnáidhte gan bheith i ndán tuilleadh do dhéanamh: staonadar: stadadar: leigeadar dá chéile. Éirigh ded chuid chainnte tá na daoine bodhar, tuirseach agat: bí it thost. Éirighimís d'obair, gaibhimís de chaitheamh aimsire: scuirimís. D'éireóchainn de dá n-éirigheadh sé dhíom: leigfinn do dá leigeadh sé dhom. Go deó ní éireóchair in aois: ní thiocfaidh sí ort. Éirigh isteach: téighir isteach. D'éirigheadar i neart agus i gcumas: chuadar etc.: d'fhásadar etc. Budh ghoirtighthe bhí sé, ní dócha go n-éireóchadh aonne eile uaidh ach é: go dtéarnóchadh. D'éirigh sé amach: tháinig sé amach ar an mbán (fén spéir). D'éirigh an girrfhiadh amach ón dtor: léim sé, etc. Gan choinne, gan chúis, d'éirigh sé chugham agus é ar deargbhuile: tháinig cuthach air. D'éirigh chuige i lár na hoidhche: tháinig taom obann air nó mhéaduigh ar a ghalar. Bhíodar, a's gach focal ar fhaobhar a's ar a fhulang aca gur éirigheadar chun a chéile: gur bhruigheanadar. Ceistiúchán andhian air do cuireadh ach d'éirigh leis gach ceist d'fhreagairt: d'fhreagair sé gach ceann aca. Ar éirigh leó airgead d'fhagháil ar an seic fallsa: an bhfuaireadar (mar a raibh duadh nó conntabhairt). Éirigh uaim chun do chúraim: imthigh. Ná bíodh eagla ort ná gur éirigh seisean ó dhaoinbh galánta: go dtáinig sé. "Agus éireóchaidh mórán

fáidh fallsa agus meallfaid mórán" (Matha XXIV. 11). "Adeirim libh go fírinneach nár idir chlannaibh na mban neach is mó 'ná Eoin Baisde" (Matha XI. 11): nár shíolruigh uatha. "Óir éireochaidh cineadh in aghaidh cinidh agus ríoghacht in aghaidh ríoghachta, agus beidh gorta agus pláigeanna agus crioth talmhan i mórán d'áiteannaibh" (Matha XXIV. 7): cómhraiceochaid a chéile. "Acht má fhuathuigheann duine ar bith a chómharsa agus go mbí i bhforaire air agus go n-éireóchaidh air agus go mbuailfidh go marbhthach é, ar chor go bhfuighidh bás agus teichfidh sé go cathraigh díobh so" (Deut. XIX. 11): go ndeacha 'n-a choinnibh. "Cé a éireóchas suas ar mo shon-sa in aghaidh lucht déanta an uilc? Cé a chuirfeas é féin ar mo shon in aghaidh lucht oibrighthe na héagcóra?" (Sailm XCIV. 16): cé chorróchaidh ar mo shon.

éiric: *b.2.* cumha, díolfiach, díolaidheacht, cúiteamh. Bíodh sé agat in aisce, ní theastuigheann aon rud 'n-a éiric uaim: 'n-a choinnibh, mar chúiteamh. Cad í an éiric atá uait as so, an nglacfair púnt? ní mór an díoghbháil ar fad atá déanta agam: an cúiteamh: an díolaidheacht. Beidh t'anam ag an ndiabhal mar éiric as do dhroichbheartaibh chómh siúrálta a's tá "biana ar bhata bacaigh": i gcoinnibh: i ndíolaidheacht. Is cuma dhuit mar gheall ar a bhuidheachas nó a mhíobhuidheachas ó dheinis an mhaith gheóbhaidh t'anam éiric ar neamh: a luach saothair.

eiriceach: *f.1.* duine a thaithigheas eiriceacht: ainm do ghallaibh: duine ná claoidheann lé deachtadh nó foirceadal an Chreidimh Chaitliocaidhe nó Eaglaise bunuighthe. Beidh éiric ag an ndiabhal air sin, an t-eiriceach ná héisteann Aifreann Dé a's ná feacann a ghlúin do shagart. Baineann seisean leis na heiricigh a tháinig thar lear chughainn: gaill ná claoidheann lé n-ár gcreideamh. Léan ort, a eiricigh, ná cloiseadh aonne ag cainnt i gcoinnibh na heaglaise a's na cléire thu: a dhuine gan chreideamh.

eiriceacht: *b.3.* tuairm creidimh nó córas creidimh ná gabhann leis an gcreideamh Caitliocaidhe, nó leis an eaglais bhunuighthe. "Acht admhuighim so dhuitse go ndéanaim seirbhís do Dhia ár n-aithreach dréir na slighe úd dá ngoirthear eiriceacht, ag creideamh do gach uile nidh dá bhfuil scríobhtha ins an dlighe agus ins na fáidhibh" (Gníomhartha XXIV. 14). Níl aon eiriceacht is measa ná eiriceacht na neamhshuime san gcreideamh foillsighthe: ár dtuairmidhe féin do leanamhaint go dall.

éirighthe: *a.r.* dulta anáirde: tagtha anáirde (ar barra uisce etc.): tógtha (chun feirge): múscalta: tagtha chun: dulta i gceannairc: méaduighthe: tagtha chun cinn. Níl sé in am ges na bláthannaibh bheith éirighthe fós, nílid curtha fada a ndóthain: gobtha aníos as an gcré ionnas go mbeidís lé feicsint. B'fhada an luigheachán a bhí air, ach tá sé éirighthe, buidheach 'o Dhia .i. 'n-a shuidhe (amach) as an leabaidh. Níor bh'aon mhaitheas líonta do chur, ní raibh an ionbhaidh ann a's ní raibh an t-iasc éirighthe: tagtha go huachtar uisce. B'árd mhochóirighe é, ní bhíodh neach sa pharóiste éirighthe roimis: 'n-a shuidhe, amach as an leabaidh ar maidin. Bíd an-shíothchánta fé láthair táid éirighthe dá chéile lé fada: stadta de bheith ag troid. An bhfuil éirighthe aca dá chéile (agat díom etc.)?: ar thréigis bheith ghom chiapadh? Is fada roimh sin a bhí sé éirighthe de scoil: stadta istigh. Ar chualaís a lithéid de rith seama riamh a's mar tá fé indiugh, tá an clár éirighthe dá bhosca "ar fad": tá scaoilte aige leis féin, gan aon tsrian ná cosc. Obair go raibh éirighthe dhi a's gur tosnuigheadh airís uirthe: obair scurtha. Girrfhiadh mór, bán go raibh gach

aonne éirighthe suas de bheith ghá thóraidheacht: tugtha suas. Is mar a chéile bheith leis anois nó mar bheifeá ag cuimilt do mhéire de chloich, tá éirighthe air anois: tá sé ar aoirde láin aiste ná héisteóchadh sé nó go bhfuil sé imthighe thar a chumas smachta air féin, nó tá an oiread san nirt ann gur fuar iarracht ar a chlaoidheacht, a chiúnughadh nó a chiallughadh – imthighthe ó smacht. [Is féidir so do rádh i dtaobh éinnidh a bhíos doimhínighthe nó doicheannsuighthe]. Tá éirighthe air (uirthe, etc.): fonn chun mian na colna do shásamh. Ná tagadh aonne treasna anois orm, seasóchad deocha don dtigh, tá éirighthe orm!: mo spirid múscalta. Beir fada air go dtairngead m'anál, tá mó chroidhe éirighthe orm: tá mo chroidhe corruighthe chómh mór san agus an oiread san líonrith orm ná fuil eólas mo bheart agam. Is mór mar tá éirighthe agat ar bhrógaibh, a shiopadóir; mar tá an luach curtha anáirde agat. A cheann atá éirighthe air, leigtear do féin: a cheann atá imthighthe ar míréir. An té ná beadh a chosa éirighthe air chun rinnce ó bheith ag éisteacht leis an gceól san ní bheadh preab 'n-a chroidhe: ná beadh na cosa ag corruighe uatha féin. An bhfuil éirighthe air chun ban?: an bhfuil sé as a mheabhair 'n-a ndiaidh?: an bhfuil clogadh ban air? Ón lá céadna san gur baineadh an phreab as tá an inchinn éirighthe air: corruighthe: neamhchuibheasach, neamhchosamhail 'n-a mheabhair. Dá bhfeictheá mórchuid daoine "ag obair ar lán an bhata", déarfá, "tá éirighthe ortha". Is eagal liom go bhfuil hallaidhe rinnce éirighthe i gceann an aosa óig: gurb iad is mó atá ag cur tinnis ortha. Cad tá éirighthe don nduine sin go bhfuil an creathán go léir 'n-a bhallaibh?: cad tá tárlaidhthe dho?: cad tá imthighthe air? A Dhia na bhFlaitheas, cad tá éirighthe dhom (dhíom) dulta amugha im thigh féin?: cad tá ag cur as dom? Táid éirighthe chun a chéile, agus bascfaid a chéile, deineadh duine éigin teasardhain eatartha: táid ar buile lé chéile. Mara luathuighidh sibh beidh an oidhche éirighthe chun stroimeach oraibh agus ní fhéadfaidh sibh fágaint go maidean: dulta: lasta. Lé déidheannaighe táid éirighthe chun creidimh ar fad, dream ná feacthas i dtreo eaglaise riamh roime sin: gan puinn eile dhá thaidhbhreamh dóibh ach é. Is mór tá sé éirighthe chun feóla le bliadhain: tuitighthe: mórán feóla tagtha air. Tá a gclann éirighthe aca anois agus iad go léir ag tuilleamh: fásta: 'n-a bhfearaibh a's 'n-a mnáibh. Gaibh agam, ach níl aon an-leigheas agam ar fheirg do bheith orm, táim éirighthe gen amadán san lé n-a chuid aitis: múscalta: curtha chun stradhain. Connus tá na daoine sin éirighthe ach trí cheannaidheacht: a gcuid saidhbhris déanta aca as. Caithfear breith breágh bog réidh air go fóill, tá an talamh éirighthe annso: tá ardán. Bóthar éirighthe go maith: géar. Daoine éirighthe iad san gur deacair labhairt leo: fáslaigh: saidhbhir anois, bocht tráth. Níl éirighthe leo go rómhaith lé deireannaighe, chailleadar mórán airgid: níl an saoghal ar a dtoil aca. Féach do bhróg éirighthe: an bonn 'san t-uachtar scartha ó chéile.

éirightheach: *a.* ádhmharach, rathamhail, árduightheach: géar: spriogamhail: múscaltach. Níor bh'éirightheach liom cruisteach do chur ar aon rud nár bhain liom féin: tuigeadh dom ná beadh an t-ádh orm 'n-a dhiaidh. Ar an dtaobh so (de) Chorcaigh ní raibh aon dream tamall dob éirighthighe 'ná iad, bhí gach aon rud aca d'iarrfadh do bhéal: b'ádhmharaighe. B'é an lá éirightheach duit é, a chailín bhoicht, nár phós an meisceóir úd, b'aindeis é do shaoghal aige: rathamhail. Taoiseach éirightheach d'Éirinn, abradh gach aonne pé nidh in Éirinn is maith leis, seadh Deibh, tá sé ag feabhasughadh an uile lá ó tháinig sé i gceannas: ádhmharach: budh mhór an luach ó Dhia dos na daoinibh é. Ní barra éirightheach cruithneacht bliadhain fhliuch: neamhrathamhail: ní thugann an toradh is dual di. An bhfuil an capall san éirightheach leat?: tairbheach: an fearrde thu é? An

dóigh leat gur éirightheach an rud duit cuid do chómharsan do bheith agat go héagcórach?: gur fearrde thu é: go mbeidh an rath ort 'n-a thaobh. Feirmeóir neamh-éirightheach fé bhuaibh é, caillteár cuid aca air, a's téigheann cuid aca 'n-a choinnibh: ní bhíonn an t-ádh air 'n-a dtaobh: bíonn siar leo. Deirtear gur uimhir éirightheach uimhir a seacht .i. go mbeireann sí an buaidh. Bóthar árd-éirightheach seadh an Chonair, stráice mór fada i gcoinnibh an chnuic: géar. Caithfeam dul abhaile gan aon tseilg, níl iasc éirightheach indiugh: níl aon fhonn beartha air. Ní mór den righe ná den rath do bhí orm-sa de bharr mo thurasa go Mearaice, níor thugas oiread agus coróin as, ní mar sin duit-se b'éirighthighe d'áit duit é thugais pócaidhe airgid as: is mó den ádh a bhí ort ann. Is éirighthighe plúr nuair bhíonn gabháil ann ná gan í bheith: is mó atann sé i mbácáil do. "An raibh do thurus éirighthighe?" – "go hiongtach, tá dachad púnt dá bharr agam": rathamhail: tairbheach. Faillteacha fiadhaine, éirightheacha mara a chuirfeadh méabhán id cheann féachaint anáirde ortha: géar.

éirim: *b.2.* uaillmhian: leagadh lé haon ghairm áirighthe: teadh, éascaidheacht, cáil chun caitheamh aimsire agus scléipe: tábhacht: stuaim: árrachtas: fonn: cumas, acfuinn, éifeacht, bunadhas: glaodhach de thoil Dé. B'é éirim Bhriain bheith 'n-a árdrí ar Éirinn, agus níor fhág cloch gan iompódh chun a thriall do shroichstint: b'é a mhian díoghraise é: ní raibh aon rud budh mhéine lé n-a chroidhe 'ná é. Ó bhí sé 'n-a gharsún bheag bhí éirim aige ar bheith 'n-a shagart agus chaitheadh a shaoghal in úrnaighe a's lé léigheann: b'é mian a chroidhe é. Budh bheag an mhaith é do chur lé dochtúireacht – budh mhó a éirim ar chluichidhibh 'ná ar leabharthaibh: leagadh nádúrdha a inntine: éileamh mór. Drochchómhartha air le déidheannaighe gur imthigh a éirim des gach aonnidh go mbíodh suim aige ionta: níor fhan aon áird aige ortha. Maran b'é am duit é éirim phósta do bheith ort in earball do shaoghail thiar: fonn: leagadh aigne leis: é do bheith ag gabháil trí n-a smaointibh 'sag déanamh mearbhaill do. An t-iasc atá ag priocadh ar mo bhaoite níl an éirim cheart beartha air: an dúil cheart. Ná bac choidhche an té go mbíonn an iomad éirimidhe 'n-a cheann, níor dhein beart d'éinnidh riamh: a aigne a's a inntin ar an iomarca rud do dhéanamh: "an iomad iarannaidhe (iarnaidhe) sa teine aige". Dá dtugadh sé "céad agus deich míle n-uaire agus dachad" fé n-a dhéanamh ní éireóchadh leis, mar níl an éirim ann: an acfuinn incheann: an stuaim: an éifeacht. Cogar liom thu, a ghiolla deacair, an bhfuil aon éirim tighe ort-sa (dul abhaile): fonn: cuimhneamh: aon tsaghas éilimh agat ar ghluaiseacht chun do dheaghbhaile. D'imthigh m'éirim ar fad de fhánaidheacht, is fearr liom fanamhaint cois baile: níor fhan aon fhonn orm bheith ag imtheacht thar lear. Ar an ndeallramh atá ar an gcoin sin, féach mar léimeann sí a's ritheann sí tá éirim innte: éascaidheadht agus mireacht. A's Cúige Mumhan, mar ritheann sí, d'áireamh ní bhíonn rás, conairt, cruinniughadh poiblidhe ná comórtas peile ann ná go bhfeicfeá ár nduine air – tá an éirim chómh daingean san ann: an dúil caitheamh aimsire agus aeridheachta. An éirim iomchair atá aige b'fhada uaidh leigeant d'aon teallaire é do shuathadh lé gliogairnéis chainnte: uaisleacht méine. Duine go bhfuil iomad éirime ag baint leis seadh ár n-uachtarán chun easurrama do thabhairt do ná do lamháilt: tábhacht. Is ait an rud é, ach dá fhaid atá sé ag labhairt ní chuireann sé éirim a scéil 'n-a luighe orm: guibh: an chuid is tábhachtaighe dhe: an chuid go mbeadh a óráid 'n-a thaobh. Sin briollabhrealla scéil gan aon éirim ní bhfaghaim-se tón ná ceann leis: gan éifeacht: gan an croidhe ann a chuirfeadh in iúil do dhuine an rud go mbítear ag tagairt do. Annso síos anois éirim eachtra Dhiarmada agus Ghráinne: cionnfáth: san a spreagas í: argóint an

scéil. Seadh, a Thomáis, is mór mar chaillis an éirim a's gan tú bheith ar ráiseannaibh Thráighlí indiugh: an t-éileamh chun aoibhneasa agus broide an tsaoghail do chaitheamh díot. Duine gan aon éirim: liosta: gan suim i rud ar bith aige: marbhspirideamhail. Ná bíodh cuma na leadhbóige mar sin ort, múscail thu féin, bíodh éirim éigin ionat, cé phósfaidh ar an aiste sin thu?: cuir gothadh ort go bhfeictear go bhfuil adhar do bheatha ionat: cuir in iúil go bhfuil do thriall ar rud éigin id bheatha. "Cuirimís uain na héirimidhe," deirtear le duine mustarach.

éirimeamhail: *a.* uaillmhianach, éifeachtamhail, éascamhail, scléipeamhail. Nách éirimeamhail an mac é, thiar i ndeireadh a shaoghail do, agus dul go Mearaice ar a laetheantaibh saoire, nár dhóigh leat go bhfanfadh ar a shocracht ag baile: é de cháilidheacht ann aghaidh do thabhairt air: gan spirid na hóige tráighte ann. Aon áit go mbíonn seódh nó spórt nó cleasa lúth chídhfeá ann é go soiléir, duine éirimeamhail ar an gcuma san seadh é: fonn aoibhnis a's caitheamh aimsire air. Nár bh'éirimeamhail an ghnóth aige, fear bocht mar é, súil do bheith aige go bpósfadh bean shaidhbhir mar í é: árdinntineach. Riamh ó n-a óige dho bhí sé an-éirimeamhail, ní raibh uaidh ach áiteanna iasachta, tabhairt fé rudaidhibh neamhchoitcheanna do dhéanamh a's gach aonnidh éagsamhail go gcuimhneóchadh air: uaillmhianach: áirleógach: fonn mór air rudaidhe thar an gcoitchiantacht do shroichstint. D'aithris sé eachtra éirimeamhail dúinn ar rinnceóir mná ar bheagthabhairt suas gur theastuigh uaithi gairm a's réim d'fhagháil i gcatharachaibh móra an domhain: eachtra éascaidh, iontsuime go raibh brigh a's fuinneamh innte. Buadhadh an capall san nó ná buadhadh, tá gluaiseacht éirimeamhail fé: éascaidh, beó, mear, anamamhail. Bean éirimeamhail gur mhian léi a clann inghean do phósadh lé daoinibh móra, gustalacha: fonn urithe éirghe sa tsaoghal. Bean éirimeamhail dob eadh í, budh bhreágh, blasta an t-éadach do chaitheadh sí: meónamhail: gur mhian taithneamhaint go príomhaidhe ameasc daoine. Nuair cloistear duine a bhíos d'iarraidh rud thar a riocht do ghnóthughadh, nó a bhíos gléasta go príomhaidhe, deirtear, "is éirimeamhail é ambas!" .i. is fuadarach an inntin atá aige.

éirimeamhlacht: *b.3.* ar dháil bheith éirimeamhail: uaillmhiantacht, éascamhlacht, scléipeamhlacht. In áit ar bith, rás ná eile, ní feictear anois é, tá an éirimeamhlacht fachta bás ann: an fonn siubhail chun aoibhneasa nó caitheamh aimsire. Léim isteach ag imirt ameasc na bhfear, cá bhfuil an tsean-éirimeamhlacht?: an fonn chun bheith sáidhte in éinnidh do chorróchadh an spirid: an tsoimheanma. Ná tóg aon cheann de, ní le forcamás do bhíonn sé mar sin in ao'chor ach le héirimeamhlacht croidhe: meónamhlacht: beódhacht nách furaiste do shrianadh. Is mór go leór an éirimeamhlacht duit do bheith ag cuimhneamh ar dhul go B'l'Áth Cliath, ag féachaint ar an aonach, seanduine mar thu: an fuadar beódhachta. Seadh, cá bhfuil an éirimeamhlacht anois a bhíodh innte fadó? ní fhéachfadh sí siar ar aonne ach ar ghaige bhaile mhóir, anois is maith léi aice aon tsaghas caimiteánaigh tuaithe!: an ceapadh aigne nách é gach aonne ach dá aoirde do bheadh maith a dóthain dhi. Pioc iongadh ní bheadh orm-sa cad dhéanfadh an duine sin, riamh níor fhág an éirimeamhlacht é: cáilidheacht nádúrdha bheith ag éirghe sa tsaoghal, nó ag éileamh ar rudaidhibh do shroichstint nó do ghnóthughadh ná leigfeadh faitchíos don ngnáthdhuine thabhairt fútha, 'sé sin, má chuimneóchadh sé in ao'chor ortha. Dá me thu ní bhacfainn tharm é, mara bhfuil aithne mhaith agat air, ní lugha aige sin 'ná tu d'éimeadh, dar leis go bhfuil éirimeamhlacht an domhain ann: arrachtas: cúis mhórchúise

nó tóirtéise aige do bheith ann. Chaith sé uaidh a scoil, a deirtear liom, d'fhág sé a mhuinntir de chion cuimhnimh, a's d'imthigh ag troid ar son a thíre, sin í an éirimeamhlacht agat: an árd-aigne. Taidhbhsightear dom go bhfuil éirimeamhlacht thar na beartaibh indiugh ionat, táir gléasta go seóidh, táir lán de mhire a's a chuma ort go bhfuil fuadar árd fút: beódhacht anama: bíodhgacht.

éiriughadh: *f.* (*-righthe*) (**éirghe**) an bhfuil aon éiriughadh fós aige, bhíodh sé an-bhocht?: aon fheabhas dulta ar a aiste beatha. Fiche púnt sa bhliadhain do bhíodh dho, fuair sé éiriughadh indé, chúig phúint fhichead a bheidh do anois (ní déarfí "éirghe" sa chás so in ao'chor): breis: méadughadh. Bí mall anois, tá éiriughadh rómhat: árdán (talmhan). Is mór an t-éiriughadh sa tsaoghal dóibh sagart a's dochtúir do bheith ar a líon tighe: dul chun cinn. Baineadh an-éiriughadh asam .i. tógadh go hárd ón dtalamh me agus treascaradh go dona me. An chéad leathuair ní raibh ár bhfuireann-ne ach dhá chúilin, sa tarna leathuair bhíodar dhá bháide agus trí chúilínidhe – b'éachtach an t-éiriughadh é sin: an t-ascnadh: an dul chun cinn.

éirleach: *f.1.* ár: milleadh: coscar: scrios: tuargaint, achrann, clismirt. A fheara na páirte, is mór an t-éirleach fear do deineadh sa Phólainn, na céadta mílte do mharbhadh a's do lot ar gach taobh: ár: scrios agus marbhadh. Ar fhéachaint ar mo chuid leabhar dom fuaireas éirleach déanta ortha ge luchaigh: iad creimthe, coganta. Dá mbeadh lá anachan ann .i. lá uathbhásach duartain, sneachtaidh, gaoithe, déarfí, "lá éirligh" seadh é: lá ródhian ar fad ar an sín atá ann. Mara gcuirtear cosc ar an nduine fiadhain sin, ar an bhfuadar atá fé déanfaidh sé éirleach: "déanfaidh sé cuirp": scrios: díoghbháil. Rinne do chuid stuic éirleach ar mo chuid arbhair, agus teastuigheann éiric ann uaim: foghail dhíoghbhálach, agus tá cúiteamh uaim. Dá gcloisteá ag cainnt le chéile iad, ag bearradh 'sag imdheargadh, rinneadar éirleach ar a chéile: d'itheadar a chéile 'n-a mbeathaidh: thairngeadar an tuile thar n-a chéile: níor fhágadar thíos ná thuas ar a chéile é: thugadar íde na muc a's na madraidhe ar a chéile. Ar an éirleach atá ag báid fé thuinn na Gearmáine dhá dhéanamh ar thráchtáil Shasana tabharfaidh sí ocras dóibh: ar an méid long atá dhá chreach aice ar Shasana. Seachnuigheadh gach críosdaidhe é féin ar lá an éirligh nuair bainfear an éiric amach go beacht: lá na breithe: an lá go ndamnófar, fairír, mórchuid. B'ait liom cad budh bhun leis an éirleach thuas i dtóin an chuasa, tuargaint, truist a's clocha dhá réabadh, ach is amhlaidh a bhí tarbhaidhe róin ag coimheascar: achrann a's fuaim a bhodharfadh thu. Tonnaidheacha árda, fiadhaine a dheineadh éirleach nuair bhuailidís cladach: suathadh, dórd agus réabadh. Seadh, féach anois an t-éirleach atá os ár gcómhair, connus choidhche do cuirfear in eagar cheart na leabhartha so, scaipighthe, leathta, soir siar ar fuaid an tighe 'n-a gcéadtaibh: an t-achrann: aimhréidheas. Fear éirligh é sin, cosain tu féin air: duine gur cuma leis cad é an t-achrann do ghní sé. Buaidh orainn? níor bh'eadh in ao'chor, éirleach do rinneadar: scrios ar fad, amach 'samach. Is cuimhin liom-sa, agus ní fadó de shaoghal é, go mbíodh coinínidhe chómh tiugh lé féar, nách mór an t-éirleach atá déanta ortha ná faghfá ceann beó anois: scrios: coscairt.

éirlighim: *b.a.* scriosaim, millim, coscraim. Tréis ghabhála na cathrach don namhaid d'éirligheadar ar bhuail de chatharachaibh le claidheamh a's piléar: rinneadar ár dearg ortha. An gála aniar dtuaidh a bhí cruinn díreach isteach sa bhéal ar an bparóiste d'éirligh

a raibh de bharraidhibh ’n-a bhóthar, ní mór gur fhág léas aonair ’n-a seasamh: scrios agus d’fhuaduigh. D’éirligh saighdiúiridhe Chromaill pobal Dhroichid Átha: thugadar an claidheamh don uile phearsa ann. D’éirligh Ráilí a’s Grae ar ghéill i nDún an Óir dóibh: choscradar: thugadar bás éigneach dóibh.

éirlighthe: *a.r.* coscartha, millte, scriosta, bánuighthe. Is baoghalach go mbeidh furmhór na hEóraipe éirlighthe tréis an chogaidh seo ar an neart go léir atá dhá bhailiughadh ar gach taobh agus an bhinb atá ortha chun ionnsaidhthe: bánuighthe, scriosta. Na bailtidheacha go léir lastuaidh táid éirlighthe tréis na stoirmeach, níor fágadh sop i ngarrdha ná in iothlainn: fuaduighthe, scaipighthe, scriosta.

éirnis: *b.2.* airgead a tugtar mar chómhartha dleaghthamhail go mbíonn margadh nó connradh nascuighthe. Ní bheadh sé ceart agam bó do dhíol ar bhreis lé haonne agus éirnis glactha agam innte ó dhuine eile: roinnt airgid go raibh margadh eadrainn nár bh’fhéidir do bhriseadh. Nách iongtach an bhuannacht atá agat-sa ar an áit seo, (suidheachán etc.) cad é an éirnis atá curtha ann agat?: cad é do chómhartha dleaghthamhail gur leat é?

éis: *b.2.* rian, lorg. “Tar éis (tréis) a tuigtear gach beart” (seanfhocal): ar mbeith déanta di. Tá sé d’éis (t’r’éis) a trí a chlog: tá an t-am san imthighthe seal. Caithfead déanamh dá éis ós rud é ná fuil aon fhagháil air: gan é. Dá éis san agus uile fear galánta seadh é: dá aindeóin sin. “Seadh, táimíd dá éis anois”, deirtear le rud nó duine a bhíos imthighthe gan fóir. Is deacair maireachtaint dá héis: i ndiaidh a himtheachta (go mórmhór a bás).

eisc: *b.2.* bogadh, glaise bheag i bhfaill mhara ag rith ’on uisce.

éiscín: *f.4.* iasc beag. Níl ionainne i gcómhnáird leó súd ach ar nós éiscínidhe na mara i dtreis an mhíl mhóir .i. go deimhin is anshuarach dúinn ar fad.

eisean: é, é féin, é féin féin. “An é Tadhg atá uait?” - “eisean féin” .i. an duine céadna san. “Dá mbeadh Mícheál annso bheadh malairt scéil agat, ní bheadh gach nidh ar bhur dtoil féin agaibh” – “ar eisean féin do bheith ann ní bheadh beann againn oraibh”: dá fheabhas atá san leis.

éisleas: *f.3.* aimhleas, míomhaitheas: míobhail: míothairbhe: mío-ádh. Tóg mo chómhairle agus seachain faillteacha conntabharthacha nó déanfair t’éisleas: do dhíoghbháil: raghair in áit go dteangbhóchaidh duit. Éisleas domsa bheith d’iarraidh cabhartha do thabhairt díbh-se mar is cur-siar orm féin é: ní haon bhail dom é ach a mhalairt. Nách mór an t-éisleas d’aonne a chuid airgid do reic ar scraistidhibh óil agus ragairne: an t-aiteas agus an míomhaitheas. Má leanair mar taoi agus bheith ag tabhairt éisleasa id chuid oibre caithfir fágaint, níl aon deallramh in ao’chor leis an útamáil seo: faillighe: manaois. Lé déidheannaighe táir ag imtheacht ar t’éisleas ar fad, níl aire ná cúramacht dá thabhairt agat duit féin ná d’aon rud: aimhleas: in aghaidh do mhaitheas: i gcoinnibh do bhaile a’s do thairbhe.

éisleasach: *a.* aimhleasach, neamhthairbheach, míomhaitheasach, manaoiseach. Neach ar bith a dheineas a chuid oibre go héisleasach beidh thiar air, agus ní fuláir a déanamh airís: go neamhaireach. Ní hé ná go bhfuil sé ábalta ar rud do dhéanamh chómh maith le duine, ach tá teist éisleasach air agus ní bhíonn éileamh ag aonne air: go neamhchúramach. Indiugh b'éigean dom a thrí oiread do dhéanamh ná mar is gnáthach toisc me bheith éisleasach i dtaobh mo chúraim lé seal, ní mór go ndearna faic: manaoiseach: faillightheach. Cad tá buaidhte agam lé bheith tamall gnóthach, tamall díomhain, rud ró-éisleasach seadh dhom é: faillightheach: neamhthairbheach. Dísealbhuigheadh é as a bheith éisleasach, is minic do bhí sé leathuair an chluig mall chun a ghnótha: neamhaireach: leasc.

éislinn: (**éisling**) *b.2.* máchail, easc, ceal, locht, éagmais. "Sláinte gan mhairg, gan éislinn, a ainnir na mbánfholt réidh": go rabhair gan locht: gan máchail: ná raibh aon rud bunoscionn leat. Ná bíodh aon eagla ort an t-ainmhidhe seo do cheannach, níl éislinn baill air: máchail; gortughadh ar aon ghéig leis. Tháinig an éislinn sláinte a bhí air ó baineadh eascar as chun cinn go bhfuair bás dá dheascaibh: ceileabhradh sláinte: easbaidh sláinte. Dar fiadh ach tá céile gan éislinn agat: bean ná fuil locht fén spéir uirthe. Ar éigean do thabharfá fé ndeara an éislinn bheag bhacaighe atá air ach do thabharfá nuair bhíonn siubhal fada air: "sméideadh" bhacaighe. Dá mhéid an taom atá air agus dá ghiorracht don mbás aige, dar lé daoinibh, bheadh mo mhuinghin as mar níor dhual dó aon éislinn sláinte do bheith ann: éasc: an mháchail nó an locht is lugha. Is dóigh liom go mbrathaim éislinn chuisleann air, ná fuil sí ag bualadh go cómhshnámhthach: stad nár cheart, éagmais éigin.

éislinneach: (**éislingeach**) *a.* lochtach, máchaileach, easbhaidhtheach, éagmaiseach. Nuair cheannuighis an capall so uaim, ní bhfuairis éislinneach i ngéig ná in anáil é, cad fáth a bhreith thar n-ais chugham?: máchaileach: lochtach. Súil leis chómh héislinneach san, slán mo chómhartha, nár mhaith leat féachaint cruinn air, bhí cor gránda innte: lochtach gur bhain dá clódh nádúrdha. Obair chruaidh níl ionam do dhéanamh, tá mo chroidhe éislinneach, leónas an cochall air: bascuighthe: goirtighthe: máchaileach ar chuma nách féidir leis bualadh mar budh cheart. Na saighdiúiridhe bochta budh thruagh leat iad éislinneach, cuid aca a's géag díobh, a thuilleadh a's an tsrón nó an tsúil caillte aca: éagmaiseach: ceal baill ortha.

éisteach: *a.* cúramach lé cluais. Cad n-a taobh ná beifeá éisteach, béasamhail, cén mhaith bheith d'iarraidh scéil d'innsint agus gliog gleag ged theangain-se: bheith it thost agus bheith ag éisteacht go cúramach. Focal dá ndubharthas níor sceinn uaidh bhí cluas ró-éisteach aige: a chluasa ar leathadh.

éisteacht: *b.3.* an tsians lé n-a mbreithnightear fuaimeanna: an clos: tabhairt fé ndeara na cluaise: feighil na cluaise: tocht: socht. Ar labhairt lé duine neamhthoramhail, deirtear leis, "b'fhéidir go dtabharfainn-se t'éisteacht duit" .i. go ndéanfainn rud éigin leat a chuirfeadh ort rud do dhéanamh orm. Cogar liom, budh bhreágh an lá dhuit – agus ní ghá chasadh leat é – gan an éisteacht do bheith go maith agat mar dá gcloisteá na tóirneacha úd do scannróchaidís it bheathaidh thu: ná rabhais i ndán na glórtha do bhreithniughadh léd chluasaibh: ná raibh an clos agat, faic níor chuala-sa. Chualaidh seisean gach aon rud

mar tá an éisteacht go maith aige: an clos: sians na bhfuaimeann do bhreithniughadh. “Bí ag éisteacht liom-sa anois”, deirtear lé duine gur mian go dtógfadh sé an uile rud adeirtear ’n-a chluasaibh go ceart. Déintear éisteacht leis: tugtar cluas do: ná labharadh aonne faid bheidh sé ag cainnt. Pé duine sa tigh seo chaithfidh éisteacht is mise é: bíonn cead labhartha ag an uile dhuine ach agam-sa. Tháinig sé im éisteacht ar chuma éigin go raibh súd leis i dtreis marbhtha na bhfear: chuala é ar chuma éigin dhiscréideach. Chreidfinn go gcloisfeadh nuair ná cloisfeadh neach eile mar tá “éisteacht eascún” aige: sians breithnighthe glór eascartha go háidhbhéil aige: “chloisfeadh sé an féar ag fás”. “An fíor go ndubhairt sé é?” – “dubhairt sé im éisteacht féin”: me féin féin do chualaidh é: “mo dhá shúil do chonnaic é a’s mo dhá chluais do chualaidh é”. Dá mbeirtí ar dhuine ag cluasghal .i. ag ganfhiosaidheacht éisteachta, déarfí leis, “go dtugaidh rud éigin t’éisteacht duit” (leamhas). Dein éisteacht liom-sa: dein gach rud go beacht fé mar deirim leat. “Ní ag cur bréige thíos sa talamh air é” – “is cuma dho anois, tá sé as éisteacht”: ní choisfidh sé thu. Bhíodh sé ag innsint rudaidhe nár cheart do, tángthas chuige oidhche amháin agus cuireadh ó éisteacht é: básuigheadh é. Cé hé an sagart a bhí ag éisteacht go ndeachas chuige?: ag tabhairt faoisdine uaidh. Is beag na focail a bhí tugtha agam do in ao’chor nuair chuireas ’n-a éisteacht é: shochtas é: chuireas iachall air a bhéal do dhúnadh. “Éisteacht lé glór na habhann ’sag iascach bhreac”: ag fanacht i bhfad ón áit go mbeadh an t-iasc le fagháil. Admhuighim go raibh mórchuid airgid agam, ach is mór an éisteacht do dhein tógaint an tighe seo air: caitheamh: “críochnughadh”. Ná tugtar aon éisteacht do, na rudaidhe atá dhá chraobhscaoileadh aige is baoghalach dúinn iad, cuirtear ’n-a éisteacht é: ná tugtar cluas do: ciúnuightear é. Is fada me ag éisteacht leat, ach tá deireadh na foidhne caithte agam: is fada me ag broic leat. “Ní fearr bheith ag cainnt ná éisteacht”, deirtear ag tagairt do dhuine go mbeadh rud déanta as an slighe aige nó a bheadh thar cailc ar aon chuma in ao’chor nó ná hatharróchadh ar fheabhas ná ar olcas dá méid a déarfí “ní...é”, ach is iongtach an troid atá ag na Gearmánaigh dhá dhéanamh. “Bíonn grásta ar éisteacht”: an té a fhanas ’n-a thost le linn áitimh bíonn grásta Dé ’n-a bhóthar .i. is binn é béal ’n-a thost. Ag fuarmáil an ghála agus a fhaid a bhíodar uaim ag éigheamh orm bhí sé ar éisteacht agam focal do chlos uatha: b’é mo dhóthain cúirim é agus cluas agam orm féin. Mise cluas le héisteacht agat, ní gábhadh dhuit bheith ag athchairt in ao’chor orm bheith aireach: mise atá ar biorda d’iarraidh greama d’fhagháil ar gach rud dá n-abrair. Dá bhfaghainn le héisteacht é b’fhéidir go n-áiteóchainn air gur ar mhaithe leis atáim: dá dtugadh cluas dom. Beidh faoisdin lé héisteacht gach maidean annso: tabharfar faoisdin. Budh mhór an truagh é, ach bíonn an t-iomard os chionn an duine do shíor, go bhfuil an tAthar Tomás lé héisteacht: cosc do chur air fearta na sagartóireachta do thaithighe. Idir éisteacht agus chainnt do is aoibhinn bheith ’n-a chuideachtain .i. pé aca ’n-a thost nó n-a mhalairt é. Gach uair adeireadh sé aonnidh gonta do ghreadadh an lucht éisteachta a mbasa go mbodharfadh a ngeóin thu: iad so a bhí láithreach chun é do chlos. Dá ndeineadh sé éisteacht ar an mbéal mór san air ní dhéanfadh a theanga an oiread toirmisc: dá gcoimeádadh dúnta é.

eisteas: *f.1.* fic **feisteas**

éistidhe: *f.4.* duine a bhíos ag éisteacht, gur mian leis éisteacht. “Ná hosclóchadh an duine uasal so a bhéal agus a thuairm do thabhairt dúinn” – “is fearr liom bheith im éistidhe d’fhear go bhfuil na tuairmidhe go léir aige” .i. im dhuine ’n-a thost a’s “cluas

air". "Sin é an scéal anois agaibh, nách breágh an eachtra é, Dia do bheannachadh na n-éistidhthe, a's an scéalaidhe": na daoine go bhfuiltear ag aithris dóibh. "Bhíos-sa ann, agus sin cainnt nár chuala go deimhin" – "bhí éistidhthe nách tu ann a chualaidh, ámhthach": tuilleadh gur shroich an chainnt a gcluasa.

éistighthe: *a.r.* cloiste, sochtuighthe, ciúnuighthe, caithte (airgead): do thabhairt cluaise dho. Admhuighim go bhfuilim éistighthe agat lé hargóint cheart a's ná fuil focal im phus duit: sochtuighthe: curtha im thost. Nách áidhbhéil an scórnaghal bhrághad atá air ná fuil sé éistighthe fós agus é ar an eileagan rith seama san le huair an chluig agus coraidheacht: ciúnuighthe, 'n-a thost. Is iomdha púnt reamhar éistighthe ag an mbráca tighe sin ort, a fhir mhaith, os chionn chúig céad is dócha: caithte lé n-a thógaint. Déarfainn go bhfuil an ghaoth éistighthe beagáinín: dulta i gciúnas. Sin sagart éistighthe: sagart go bhfuil feidhm na bhfeart bainte gen eaglais dhe. A Dhia na bhfeart! budh mhór an t-achrann a bhíodh idir an dá líon tighe sin, agus cé ná bíd ag gabháil dá chéile os chómhair na ndaoine nílid éistighthe fós, mar is beag an rud a chuirfeadh an gheir sa teine aca: nílid i síothcháin lé chéile. Ró-dhona dho tháinig taomacha casachtaighe indiugh air gur shaoileas go raibh sé éistighthe: básuighthe, "bailighthe leis": "fachta bás" [is ait an dul é seo ach anchoitianta, coitcheann]. Choidhche agus tu do bheith ar do chroidhe díchill ag caitheamh a bhfuil d'airgead agam ní bheadh an phingin dhéidheannach éistighthe agat: caithte amach agat. "Nílir éistighthe (éiste) fós", deirtear lé duine go mbíonn iomad cainnte aige. Bhí súil aige lé mórán lucht éiste, ach ní bhfuair oiread a's cluas: lucht éisteachta.

éistim: (**éistighim**) *b.a. 7 n-a.* tugaim cluas do, cloisim, sochtaim, ciúnuighim: tostaim. "Éist annsan! a ghliogaire, tá an iomad cainnte agat": bí it thost! "Éist lé glór na habhann a's gheóbhair breac!" (seanfhocal): deirtear so le leamhas i gcás duine go mbíonn gothaidhe móra oibre fé a's gan cor as láimh ná cois leis. Ná héisfeá liom-sa go fóill: ná beadh foidhne agat go gcloisidh tú cad tá agam-sa le rádh. Éistim leat: táim an-chúramach i dtaobh do ráidhte. Cailín ná héisteóchadh lé neach: cailín a leanas a toil féin. Éist! bí ciúin agus cuir cluas ort féin. "Tabharfad proinn mhór sa tigh ósda dhuit" – "éist do bhéal!": nílir i ndáiríribh. "Chuala go raibh Séamas chun teacht ar ár dtuairisc" – "éist!" .i. is deacair liom a chreideamhaint: gan aon bhréag? "Rí-rá mór agaibh is dócha, toisc gur bhuadhabhair?" – "éist do bhéal, a dhuine ach dá bhfeictheá an biadh 'san deoch siar síos": ná bí ag cainnt ar scléip. Éist leis: nách é atá ag innsint éithigh, ag maoidheamh: ag bladhgar. Ní mhaireann sé an té go n-éisteóchainn a's an ceart agam: a chuirfeadh im thost me. Loirgeas athchuinghe air ach d'éist sé go tapaidh me nuair dubhairt sé go daingean ná déanfadh sé comaoin dá mháthair: chuir sé im thost me. Ní éisteóchadh san ach oiread lé gealbhan gleóidh!: stad de chainnt ní fhéadfadh. "An éisteofá?", deirtear nuair bítear clipighthe ge gleódh nó cainnt a chiapas, "nó an dtabharfá aire don nidh atá dhá rádh agam leat." "Nár éistir choidhche!" deirtear leis an té go mbíonn iomad cainnte a's gleóidh aige. D'éisteóchadh aonnidh an duine bocht: tá sé an-mhaol, támáilte. Bheadh sé sásta le gloinne leanna chómh maith díreach lé soitheach de, d'éisteóchadh beagán é: duine soranna é. Ní fuláir nó bhí an diabhal féin de chorthaibh ort a's ná héisteóchadh an sagart thu (t'fhaoisdin): ná tabharfadh cluas dóibh. Tréis an méid sin, éistim-se mar sin: fágann san mise gan focal agam.

eite: *b.4.* cleite beag, forsciathán, sciathán: ball liocuighthe amach as chorp éisc mar an t-earball. An eite droma, an eite builg: sin iad, dar linn, a choingbheas an t-iasc in ionannas. "Eite m'eiteóige", arsa Piaras Firtéar: an duine is maoithe agus is ceanamhla liom ar domhan. Beir 'on cheárdchain an soc san agus abair leis an ngabha eite do chur air, mar ná déanfadh sé aon treabhadh mar tá sé, lé n-a chaithteacht: "leasughadh" do chur air: "scolb" do thathughadh amach ar a thaobh dheas. Ceist agam ort, cad é an méid eite ar iasc? há! há! tochais do cheann anois!: sprochaid bhog. Dá mbeadh an éirim cheart ionat ní lámhachfá éan i gcois ach ar eite: agus é ag eiteall sa spéir. Cuir 'on leabaidh an leanbh san tá a cheann fé eite aige: ag tuiteam dá chodladh: a ghob fé n-a sciathán (nós an éin).

éitheach: *f.1.* bréaga: gangaid, cealg: fiadhnaise bréige: brasluighe, mionna bréagacha: míscéal, suainseán. Ní ag cur éithigh air é, tosach na breithe ge Dia: ní nách ag innsint na fírinne air atáim. Chuala ghá rádh é gur bhitheamhnach thu, ach thugas an t-éitheach do: d'agras air ná raibh an fhírinne aige. "Bitheamhnach seadh thu!" – "thugais t'éitheach" (cainnt anláidir): tá bréag agat. Dá mbeitheá ag innsint éithigh riamh (dá mbeadh an t-éitheach riamh agat) tá an fhírinne an turus-so agat: dá mbudh bréaga ar fad a thiocfadh as do bhéal. Sheirbheálas é lé héitheach do chur orm, dubhairt sé gur ghoideas uaidh ach deimhnigheadh nár ghoideas: rud do rádh ná raibh fíor: rud ná tháinig leis an bhfírinne. Cuireadh éitheach orm má dubharthas go rabhas láithreach an mharbhtha, mar is féidir liom a chruthughadh go rabhas fiche míle ón áit ar an uain: bréag: aithris scéil ná raibh i gceist. Chídhfeá an t-éitheach dearg ag teacht amach as a bhéal: an té budh dhaille d'aithneóchadh sé go raibh sé ag innsint bréag go flúirseach, neamhnáireach. Chuireas mo lámh i mála an éithigh agus cad is dóigh leat do thairngeas ach mo chrann féin!: an mála 'n-a gcuirtear crainn nó cómharthaidhthe an dreama a bhíos ag iomaidheacht. Dhearbhuigh sé éitheach – a's níorbh éitheach go dtí é – i dtigh na cúirte go ndubhairt an breitheamh leis stad nó mara ndeineadh go gcuirfeadh fé ghlas é le fiadhnaise éithigh: rud ná raibh fíor: teastas bréige. "Beidh an lá ges na Cómhachtaibh Cómhair ar an nGearmáin" – "éitheach!": ní fíor san. "A lithéid de spalladh éithigh", ars an breitheamh, "níor airigheas faid táim ar an mbínse, ní heól don bhfíné cad is fírinne ann": dearbhughadh nidhthe a bhí bunoscionn lé fíre bhunuighthe. "Tomás an Éithigh" .i. adhbhar sagairt a bhí ann, agus cuireadh as an gcoláisde é, d'iompuigh ar an ngallchreideamh go ndearnadh ministir de, agus as a chuid seanmóntaidheachta ar an nuadhchreideamh tugadh an tseachainm seo air. Chuirfeadh sé an t-éitheach 'n-a fhírinne ort .i. tá teanga aige a chuirfeadh croiceann ar scéal go líomhtha. "Ní hanacra go héitheach" (seanfhocal) .i. thiocfá ó aon rud ach ó chainnt mhasluightheach do chur ort, is cuma cá saor uirthe do bheifeá. Thug sé leabhar éithigh sa chúirt: dhearbhuigh sé os chómhair Dé gur bh'fhírinne bréag aige. D'iarraidh an éithigh do chur siar orm ataoi: d'iarraidh an dubh do chur 'n-a gheal orm.

eiteach: *f.1.* diúltamh, éimeadh, éaradh, séanadh. Loirgeas púnt ar iasacht air; thug sé an t-eiteach dom, dubhairt liom bailiughadh liom go diair as a radharc: an rud a bhí uaim ní bhfuaireas. "An dtabharfá an leabhar san ar iasacht dom?" – "ní bheidh t'eiteach agam": tabharfad. Duine galánta nár thug eiteach d'aonne riamh: nár dhiúltuigh neach ar an nidh do loirg air. Budh mhaith an rud san eiteach ach eiteach dearg: dubhairt dá mbeadh airgead 'n-a chnocánaibh aige ná tabharfadh dubharadán dom: eiteach nár dhein aon dá leath dá chuid cainnte do dhéanamh 'n-a thaobh. "Ní dóigh liom go bhfaghainn é ón

nduine chéadna dá loirginn air é" – "cuir chun (an) éitigh é ach go háirighthe": tástáil é d'fhéachaint cad dhéanfadh sé. Ní ghod éiteach atáim ach an rud atá uait níl agam: ní ghá chongbháil uait atáim.

éiteachas: *f.1.* diúltamh: éaradh. Ná bíodh éiteachas aonne agat, mar an té ná tugann indiugh ní dóichighde ná é bheith ag lorg ambáireach: locadh an rud do hiarrtar: séanadh aon ruda a loirgtear ar dhuine.

eiteall: *f.1.* léimeadh tríd an aer, preab. Tá oiread céille agat a's tá ag an éan a bhíos ag eiteall ó thor go tor nách feas do cá stadfad: ag léimeadh go mear, tapaidh. Is mór go léir an t-eiteall don gcreabhar caoch teacht ós na tíorthaibh tuaiscirt treasna na mara go hÉirinn: léim anfhada. Eiteall t'anama ar neamh go raibh: tréis bháis duit go seólaidh sé ann. Ar mo chromadh dhom ar mo chroidhe díchill d'iarraidh leitreach go raibh broid lé d'fhreagairt nuair baineadh pléasc as an ndoras a bhain eiteall asam a thug mo chroidhe im bhéal: preab mhillteach. Leig do féin ar a bhuille, dar leis, go bhfuil sé ag cleithmhagadh fúm ach bainfead-sa eiteall as san, lá éigin, a thógfaidh as a mháithreachaibh é: preab a chuirfeas uamhan 'n-a chroidhe. Ar chlos bás a mhic do baineadh eiteall nár tháinig chuige féin ó shoin uaidh: do scannruigh obainne is áidhbhéil an scéil é. Bhain an chruaidh-obair an t-eiteall as: an teasbach, an anamamhlacht. Cé déarfadh go mbeadh a lithéid d'eiteall ag fear trom aindeis mar é, d'aon sciúird amháin chuaidh sé ó lic an teinteáin go dtín doras: léim lúith. Mo chómhairle dhuit bheith ag eiteall leat abhaile, tá ullamhughadh id chóir i dtaobh bheith ag fámaireacht ó mhaidean agus a mhalairt de ghnóth dhíot: ag gluaiseacht chómh mear agus iomcharóchaidh do chosa thu. Labhair go réidh léi, tá éislinn innte agus is anfhuraiste eiteall do bhaint as a croidhe: a croidhe do chorruighe agus do bhascadh. An dóigh leat-sa go mbaineann sé eiteall asam-sa tusa do bheith ar buile liom: suathadh croidhe.

eiteallach: *a.* léimneach, lingtheach, sochorruighthe, preabach, bocléimneach. Sé a chuirfeadh ag gáiridhe duine an fuadar eiteallach do bhíonn fé, ní fhéadfadh sé fanacht 'n-a shuidhe ná 'n-a sheasamh leathnóiminte in aon áit amháin ach ag imtheacht tímcheall fé mar bheadh ruathaire beag: ar nós an éin a bheadh ó thor go tor. Budh dheacair duit ainmhidhe níos eiteallaighe 'ná girrfhiadh d'fhagháil: mear, braithteach, sceinnideach. Capall an-eiteallach é sin agat, ní deacair sceit do bhaint as: neamhshocair: "ón nóimint go dtín uair" léimfeadh sé go scáthmhar ar a luighead cúise. Múscladh an girrfhiadh agus chuir de go heiteallach ag léimeadh túrtóg agus cladhthacha mar bheadh éan: go seólta, éascaidh, mearfhaitchíosach.

eiteallach: *b.2.* foluamhain: léimeadh, lingeadh: ar ingnibh deireadh chun ruda do dhéanamh, fuaidreadh, sceinneadh, luaimneacht, léimreach. Ná fanfá socair ar son Dé! thall nó abhfus, tá an tigh as a meabhair agat, cad í an eiteallach atá ort: ruathaireacht: gan "luighe earbaill". Eiteallach ar fad dob eadh é ag feitheamh léi, isteach 'samach síos suas "gan suidhe ná éirghe aige": suathadh agus corrthónacht: míoshuaimhneas. An eiteallach a tháinig air chómh luath a's chonnaic sé thu mar bhí sé lándeimhnightheach annsan go mbeadh a mharcaidheacht abhaile in aisce aige: le háthas ní fhéadfadh fanacht socair: tháinig girréis air i slighe ná féadfadh sé a shuaimhneas do cheapadh. Scata éan ar an dtaobh eile 'e chlaidhe an eiteallach do chuireas ortha nuair chaitheas piléar leó agus gach

aon screach aca a's bualadh sciathán: imshníomh imtheachta a's scannradh. Thug sé an lá go léir ag eiteallaigh, ag feitheamh leat, ceanglófí duine dob fhearr ciall 'ná é, shaoil sé ná feicfeadh sé tú féin ná a chuid airgid choidhche airís: ar mhíoshuaimhneas scannruightheach a's ar imshníomh. Ó 'on diabhal me má ólaim an brannda san, deoch róláidir é a chuirfeadh ag eiteallaigh me: a mhúsclóchadh mo spride i riocht go mbeinn ag déanamh rudaidhe aite. Sin í an deoch bhríoghmhar, a bhainfidh an fuacht amach as do chnámhaibh 'sa chuirfidh ag eiteallaigh thu: a thógfaidh do mheanma a's a chuirfidh beódhacht ionat. An ndéanfad é? táim ag eiteallaigh chun a dhéanta: táim glan as mo mheabhair chun a dhéanta. Ní capall é siúd ach capall fiadhain eiteallaighe gur ghearr an mhoill air smut de bhóthar do chur de: lúthmhar, éascaidh, ceólmhar. Os mo chómhair amach bhí sé ag eiteallach le buile chun me bhuailte [mé bhuailte, foirm choitcheann annso]: gach aon léim as a chorp aige. Breóidhte? ar mh'anam féin gur b'é ná fuil mar sin, ná tinn ach ag eiteallaigh do féin: go beó, bríoghmhar, feadhmannach. A's an t-éinín im chrobh agam bheadh truagh do an chuma go raibh a chroidhe beag ag eiteallaigh le scannradh a's a shúilínidhe iompuighthe orm: ag bualadh go ró-mhear. Bhraitheas eiteallach éigin ar fuaid na cisdeann, d'éirigheas, cad bheadh ann ach franncach a's cat ghá thóraidheacht: bruchlas: glórtha mar bheadh ag éanlaithibh.

eiteallaim: (**eitealluighim**) *b. n-a.* léimim, lingim, sceinnim. Eitill! a dhiabhail, táthar chughat: sceinn: imthigh ar nós na gaoithe, tá an tóir chughat nó mara gcuirir díot tiocfar agus béarfar sa bhfoghail ort, nó i "gcuan do mharbhtha" etc. "Cá bhfuil do dhreatháir anois?" – "Dia is fearr go bhfuil a fhios san aige, is fadó d'eiteall sé a's ní feacthas ó shoin": sceinn sé as an áit: d'imthigh go mear. "Ná fásfadh puinn den bhféar féd chosaibh" – "mise! eiteallóchad, a bhráthair": imtheóchad ar nós an éin nó na gaoithe. "Agus adubhairt Dia, tugaidís na huiscidhe amach go líonmhar an dúil chorruightheach in a bhfuil anam agus éanlaith(e) a fhéadfas eitillt os cionn na talmhan i spéir shoiléir neimhe" (Gen. I. 20): gluaiseacht ar sciathán. "Acht cheana, ruagadh an duine i gcóir buaidheartha mar eiteallaid na drithleanna" (Iób V. 7): léimid go pras iomadamhail i ngach aon treó. Dhera, a dhuine mo chroidhe, nuair phrioc an tuinncéir an tsean-chorreach mhalluighthe d'eiteall sí, bhuail sí an trucail, bhris agus réab a raibh uirthe: phreab sí chun buile: gach aon phioc di ar baillchrith lé droichmhianach a's fonn éirligh. Congaibh do ghreim go daingean ar an ainmhidhe sceiteach san nó d'eiteallóchadh uait: thabharfadh sciúird obann: sceinnfeadh sé. Go n-eitealluighidh do bhean uait maran ort atá an cúram 'n-a taobh: go léimidh a's nár fheicir airís.

eiteán: *f.1.* cleite beag, sorcóir adhmaid go bhforra ar a dhá cheann go gcastar snáithín air. Céad míle glóire lé Dia, nách mín, líomhtha iad eiteáin an dreóilín: cleitínidhe beaga, beaga. Lán eiteáin de shnáithín: eiteán: spóilín.

eiteóg: *b.2.* cleite beag: sciatháinín, "guala" ar shoc: puth. Lá anchiúin ní mór go raibh corruighe an tseóil san eiteóig ghaoithe a bhí ann: méabhán éadtrom.

éitheóir: *f.3.* duine a dhearbhuigheas bréaga ar a leabhar: bréaguightheóir. Is mairg don éitheóir mar beidh teanga ghnóthach aige: gheóbhaidh sé cao i gcómhnaidhe ar bhréig d'innsint. An dóigh leat go ndéanfainn éitheóir díom féin leat?: go mbeinn ag innsint bhréag gan chúis gan adhbhar.

eitighim: *b.a. 7 n-a.* diúltuighim do rud do thabhairt a hiarrtar: éimim: obaim: locaim: grogaim. D'eitigh sé ar phúnt me: d'iarr sé orm é do thabhairt do agus níor thugas. D'eitigheas dul ag troid leis, bhí a mhalairt de mheas agam orm féin: níor ghlacas lé n-a dhubhshlán. Dachad iarracht do thugamair air ach d'eitigh (sé gluaiseacht): níor ghéill se. D'aithneófá ar an gcapall bocht go raibh an t-ualach mós maith dho, mar d'eitigh sé nuair spriogadh é: shos sé ar feadh tamaill. Ag fagháil bháis do d'eitigh sé an sagart: d'ob sé é: ní leigfeadh 'n-a ghoire é: ní leigfeadh sé don sagart é d'ullamhughadh chun báis. Chómh sprionnlaithe sin go n-eiteóchadh sí a máthair! Mhuise, mo ghradhain croidhe thu, nára heitighthear neamh ort: ná loctar ort é: ná coingbhightear ó neamh thu.

éithighim: *b.a.* tugaim an bhréag do: bréagnuighim: deirim i gcoinnibh: áitighim ar, treasnuighim: sáruighim. Ó! Dia linn, ná héithigh sagart na paróiste: ná habair ná go bhfuil an ceart aige. Dubhairt go daingean go raibh daoine ann a bhí ar a thí ag lorg combáidhe dho féin, d'éithigheas é go tapaidh, ghá rádh gur chuma lé haonne a bhí láithreach ann nó as é: bhréagnuigheas é. "Ceart nó mícheart ná héithigh mise, a theallaire bhig", ars an mháthair lé n-a siota mic: ná treasnuigh me: ná sáruigh me nách é an ceart atá dhá rádh agam. Aon fhaisnéis neamhfhírinneach a deineadh ar Éirinn d'éithigh an Céitinneach iad 'n-a Stair, a's chuir in iúil go rabhadar, mar bhíodar bréagach: sháruigh iad: d'áitimh a's chruthuigh ná rabhadar dréir cirt ná córach. Leig do féin, d'éitheóchadh an duine sin síol Éabha a's Ádhaimh, sin é ar a dhúil é: tráth bíonn sé ag teacht treasna ar dhaoinibh bhíonn ar a thoil.

éithiughadh: *f.* (*éithighthe*) bréagnughadh, treasnughadh, áiteamh: sárughadh. Sin mar chaitheann sé a shaoghal 'n-a eadránaidhe bheag, shalach ag sáthadh a chinn i ngach scéal a's ag éithiughadh gach aonne a osclas a bhéal: ag treasnaghal 'sag áiteamh ortha ná bíonn an ceart aca. Deirir-se gur marbhuigheadh deichneabhar, deir so nár marbhuigheadh ach seisear, ná fuil éithiughadh idir an dá fhaisnéis seo?: neamhionannas chainnte. Ní fios do dhuine cad is ceart do do chreideamhaint in aimsir chogaidh, bíonn an oiread san ráflaidhe éithighthe ar siubhal. Ní ghod éithiughadh do bheinn, mar ná fuilim ró-dheimhnightheach, ach tá a mhalairt de scéal cloiste agam-sa: ní ghod bhréagnughadh é. Siúd é fear t'éithighthe nách fada an mhoill air an bhréag do thachtadh id scórnaigh: fear do sháruighthe: duine atá i ndán do chur in iúil ná fuil an ceart agat. "An féidir leis an bhfírinne fírinne d'éithiughadh?" (rádh): an féidir le hionracas teacht treasna ar ionrachas. Á, creid me, ní bheinn ag éithiughadh ort: ag innsint bhréag it thaobh.

eitim: *b.2.* iarracht chonntabharthach: iarracht faill: faill: gaor: léim obann. Ar feadh na hoidhche ar fad do bhí an long i mbéal an chuain le heagla teacht isteach gen ndoircheacht, i ndeireadh dála thugadar eitim, a's ní raibh ach gur éirigh leó. Fuair an leómhan eitim ar an bhfear tláthuighthe sa chás a's rinne géiridheacha dhe lé n-a leadánaibh: faill: cao fhaillighe: lom. A thuilleadh ní fhéadfainn do dhéanamh ach ar dheineas, thugas eitim ar bhreith air go ndeaghaidh mo leath i bhfarraige ach d'imthigh fé loch uaim: iarracht thapaidh, chonntabharthach. D'imthigh sé mar imtheóchadh sé amach as mo dhá láimh, gan oiread agus eitim d'fhagháil ar é do chosc: gan aon chao bheag in ao'chor. "Cén fath ná tagair ar ár dtuairisc, chuirfimís sop luachra féd chosaibh, a fhaid

sin ó chonnacamair thu?" – "thiocfainn agus fáilte dá bhfaghainn an eitim air": an chao: an fhaill óm ghnóthaidhibh eile. Beirt theannlaoch ag tuargaint a chéile, b'iad a thugadh na heitimidhe fiadhaine fé chéile: ionnsaidhthe acfuinneacha: foghanna.

eitir: *b.5.* (*iol.* eitridhe, oitreacha) fearsad i dtráigh, drithle, áit (uisce) thanaidhe, "bannc" fada, caol, "brannda". Gheóbhfá mórán ruacan ameasc na n-oitreacha nuair bhíonn sé 'n-a thráigh: na hiomairidhe beaga d'fhágann an taoide 'n-a dhiaidh. Bhaineas eitir mhóna dhom féin: ceap: bannc: "cos" bheag. Ní talamh ró-dhána in ao'chor an tráigh chéadna tá oitreacha gainimhe innte go mbriseann ortha: iomairidhe (gainimhe) árda, fada, cama.

eitealán: (**eiteallán**) *f.1.* long, (áthrach) aoir. Ghluais sé chugham ar nós an eitealáin: éadtrom, seólta.

eitleóg: *b.2.* léim mhear, lúthmhar, "léim chuirp" éascaidh ruathaire gearrchaile. A dhuine mh'anama, thug sé eitleóg ó fhiadhchloch go talamh, ar mo choinsias, a bhí leathad an tighe!: léim chuirp lánluthmhar, cheólmhar. Nuair chonnac iad ag dul i gcochall a chéile, na sceana tairngthe aca, thugas eitleóg fén ndoras, agus amach ar an sráid liom gan féachaint im dhiaidh: seáp tapaidh, mear. Níor dhein an t-eitealán ach eitealóg ghearra nuair thuit sé 'n-a bharr lasrach: gluaiseacht ghearr sa spéir. Níl ionat ach eitealóg de chailín, mara mbíonn stuidéar ionat ní phósfaidh aonne choidhche thu: cailín aerach, míostuamdha, luathinntineach, tugtha do rudaidhe aite do dhéanamh.

eitleóireacht: (**eitealóireacht**) *b.3.* léimeadh ar sciathán, fuaidreadh, neamhstuidéarthacht. Choidhche ní dhéanfaidh an mac san agam aonnidh cóir ach ag eitealóireacht ó áit go háit: tamall beag annso a's tamall beag annsúd aige. Níl amhras ar domhan níl ná gur fearr chun eitealóireachta muinntir na Gearmáine 'ná aon dream 'n-a gcoinnibh: áthraighe aoir do sheóladh a's d'ionnramh. B'iongtach an eitealóireacht do rinne Lindbearg an uair úd: an turus fada, uaigneach ó Mhearaice 'on bhFrainnc.

eithne: *b.4.* an chuid bhríoghmhar, riachtanach den síol: innte: sceallán, croidheachán. Ní haon amadán duit féin thu, is mian leat an eithne do bheith agat féin i gcómhnaidhe: an chuid is fearr nó is tairbhighe d'aon rud a bhíos ar siubhal. "Is searbh iad na heithnidhe tráthnóna" (seanfhocal) .i. b'fhearr biadh ná iad.

eitre: *b.4.* clais, cradhsán, díg (díog), gearradh sa talamh nó i stabhannaibh soithigh 'n-a luighe, an tón a's ceann isteach ann go mbíonn díonuisce dá bhárr. Chídhfeá fós rian na n-eitridhe mar ar fhan na hiomairidhe criadhraigh gan baint sa drochshaoghal: na clasacha (claiseacha) a romharadh idir gach aon dá iomaire. D'imthigh an tón as an soitheach nuair chaith na heitridhe, mar chaill sé a ghreim: an rian gearrtha: frainsidhe. Eitre an-chonntabharthach ar thráigh dhuibhche Chluain Tairbh chun snámha: clais dhoimhin shúghairc tríd an ngainimh. Gach aon treascairt dhá bhaint asam sa chnoc lán d'eitridhibh clúduighthe lé craoibh a's féar: cradhsáin: gearraidheacha doimhne mar bheadh trínsidhe.

eochair: *b.5.* (*iol.* eochracha) cloch chúinne: úirlis lé n-a sáidhtear nó go gcúltar samh glais: an chloch láir i stuaidh. Poll na heochrach: an scoilt nó an oscailt sa ghlas go

gcuirtear an eochair ann. Toisc an eochair rúin a bhí aige orm agus a bhéalscaoiltighe agus bhí sé, ní rabhas istigh liom féin ná go scéidhfeadh sé orm: coimeád nó innsint mo rúin. Ní heagal liom tu do bheith mar eochair rúin agam go bhfuilim i ngrádh léi, ní heól d'aonne eile é ach duit: cara cléibhe, duine go gcuirtear rún ar a choimeád lé muinghin as. Obair aon fhir amháin an marbhadh so, ní headh, do bhí eochair rúin éigin gen bhfear atá gabhtha nách maith leis scéidheachtaint air: cóimhchéile cora: cuidightheóir: cóimhchionntach. "Lonndain", deir an Sasanach, "eochair an domhain": croidhe: an áit is tábhachtaighe. Connacthas ag fágaint an Daingin it fhochair-se é, fuairtheas marbh ar an mbealach é, tusa go bhfuil eochair chuma a mharbhtha agat: tusa gur féidir an rún do nochtadh. "Cad é an saghas talmhan atá aige?" – "eochair an pharóiste": an chuid is fearr de. Héileóglain eochair chuanta na Gearmáine: an lá do chaillfidís é, raghfí isteach ortha: an dún is daingne agus is cosanta aca. Cuireadh fé (chasadh an) eochair: cuireadh i gcarcar: in áit ná féadfadh corraighe as gan a scaoileadh.

eochair: *b.5.* maghar: síol éisc. Eochair truisc, lannga etc.: na huibhe beaga a gheineas an t-iasc.

eochair: *b.5.* faobhar, scéimh, imeall. Bhuail sé le heochair a láimhe me: lé n-a láimh ar a faobhar. Lá aoibhinn a's í ag siubhal ar eochair na mara ag amharc uaithe amach do chonnaic sí an curachán coigcríoch ag cur i dtalamh: lé hais na farraige.

eochróir: *f.4.* duine a dheineas eochracha: seidhléir. Tá déanamh ar an nglas san dá ndeintí an eochair do chailleamhaint ná faghfí eochróir in oileán na hÉireann a dhéanfadh ceann a oireamhnóchadh é: fear déanta eochrach. Níor bh'iad na riaghlacha ná an gannbhiadh ná an chruadh-obair budh mheasa liom ná budh mheasa dhom ach na heochróiridhe a bhíodh gan scur dhom tharchuisniughadh ghom scaoileadh a's ghom chur fé ghlas: seidhléiridhe, lucht oscailte as dúnta.

eochróireacht: *b.3.* déanamh eochrach: cúram agus coimeád eochrach: coimeádaidheacht. Bhí an oiread san measa aca ar an gcailín aimsire go raibh eochróireacht na cúlbháidhe aice agus cead an deoch a bhfearr innte do thabhairt d'aonne budh mhaith léi: coimeádaidhe: is fúithe a bhí a coimeád fé ghlas a's d'oscailt.

eol: *f.1.* (*iúil*) fios, tuigse, tuigsint. An eól duit cá mbeadh tigh le leigeant ar chíos nó anáirde?: an fios duit. Dearmhad air siúd, ní raibh ná a rian, budh mhaith dob eól do go raibh sé ag déanamh an mhíchirt, ach leis an mbitheamhantaidheacht leig air go raibh sé dall: is maith a bhí a fhios aige. "Cé hé go bhfuilir ag trácht air?" – "ó, an té is eól dúinn" .i. "an té seo d'áirighthe": duine gur chóir go mbeadh a fhios agat cé hé: duine a choimeádfam mar rún. An eól duit áit go bhfaghainn eisteas na hoidhche?: an bhfuil coidreamh agat? "Sé an fear is fearr ar bhur gcineadh é, deirim-se leat" – "ní heól dúinn sin": sin rud nár bhreithnigheam air: sin rud nách dóigh linne. "Bleaigeárd breágh slachtmhar seadh é" – "sin mar is eól do bheith": níl fios a mhalairt aige: aon teagasc eile ní bhfuair sé, nó má fuair níor ghlac. An t-aindeiseóir, leig dó féinig, níl sé ach mar is eól do: tá sé mar fuair sé teagasc, nó múineadh. Déineann an fear san gach nidh mar is eól do, agus ní haon mhaith bheith d'iarraidh é d'atharrughadh: mar is gnáthach leis ar an slighe gcéadna. Cé go mbídís flúirseach tímcheall na n-oileán im óige seo, ní heól aon mhíol

mór ar an oirear (cósta) anios: ní feictear: ná cunntas air. Ar m'eól níl aon gharsún chómh cliste leis: ar m'eólas: ar mo choidreamh: ameasc mo lucht aitheantais. Chómh fada agus is eól dom ní tháinig aonne aca san fós: dréir mar tá cunntas agam. "Is é rogha chun a dhéanta é" – "is do is eól connus" .i. níl aon deacracht ag baint leis ná gur féidir leis a shárughadh. "An mbíonn naoscaigh sa talamh san?" – "go h-eól domsa ní bhíonn; ní fheaca neach mhic an luain amach ná isteach riamh ann": ar an méid feasa nó eólais atá agamsa 'n-a thaobh. "Nách tais, tláith, béasamhail do bheannuigh sé dhúinn" – "is do is eól": is aige atá an teagasc chuige. Dá mb'eól do dhuine cad a bhíos roimis bheadh sé níos cúramaighe agus d'fhéachfadh fé a's tharais: dá mbrathfadh sé 'n-a aigne. "Ní heól d'aonne an lá, an uain, ná an chuma" (rádh): táthar dall air. "Is amhlaidh mar tá ag an saoghal, Dia linn, nách eól do dhuine a leas" (rádh): ní fios do dhuine cad is ceart dho do dhéanamh i ngábhadh. "Nuair cuireadh fé dhraoidheacht seacht gcatha na Féinne níor bh'eól dóibh soir seachas siar" (seanscéal) .i. ní fheadair siad cad é an treó do thabharfaidís ortha féin.

eólach: *f.1.* treóraidhe: éigeas: duine léigheannta, foghlumtha. Beag baoghal a bhí ort dul amugha, bhí an t-eólach go maith agat, níl casán ná bealach "ná faghadh sé fé n-a dhóirnibh": treóraidhe: duine a bheartuigheas an bealach ceart. Fuaireas ár Séamas, ár dtuata bocht, sáidhte i gcath béil ameasc na n-eólach: i bhfochair lucht an léighinn a's an fheasa. Tá sé géarchúiseach, inntleamhail ach ní haon eólach é: pras chun nidhthe do thabhairt fé ndeara agus do mheabhrughadh, ach gan aon oideachas do bheith air. Ní fhéadfadh aonne ach eólach maith long do sheóladh isteach sa chuan éadtrom, fochaiseach so: duine go mbeadh eólas cruinn aige ar an áit chonntabharthach agus an áit shábhálta. Ambasa caithfeam géilleadh dos na heólaigh ós aca atá ughdarás cainnte, de bhrigh go bhfuil na nidhthe diamhaire seo foghlumtha aca: an lucht léigheannta.

eólach: *a.* feasamhail, cliste, ealadhanta, deárscnach, deaghlámhach: sároilte, stuamdha. Is eólach dom go sármhaith cad iad na lúba cama atá istigh id bholg: is róléir dom iad. Ráidhteachas ar an bpáipéar go bhfuil na céadta airigidhe eólacha iarrtha gen Rúis ar an nGearmáin chun armála cómhnaimseardha do dhéanamh dóibh: ceárdaidhthe go bhfuil gach aon rud a bhaineas lé n-a gcúram ar bharraidheachaibh a méireann aca. Ná bíodh leath oiread milleáin agat ar cad do dhéanfadh duine aineólach, mar is beag é a leigheas air, bíonn nidhthe ar an dtaobh amuigh dá thuigsint: duine gan oileamhaint: gan teagasc. Daoine aineólacha seadh sinne annso thiar in iarthar Chiarraighe, i bhfad ó chonbharsáid an tsaoghail a's ó choidreamh lucht feasa: iargcúlta i múineadh: dall ar cad budh cheart dúinn do dhéanamh agus is léir do dhaoinibh eile. Ionann bheith ag múineadh an "chinn suip" aineólaigh sin nó mar bheifeá d'iarraidh léighinn do dhingeadh i mbloc coille!: duine ródhall, dúr gan aon éascaidheacht in ao'chor ar rud do bhailiughadh 'n-a inchinn. Aon lá gheóbhaidh sclábhaidhthe eólacha obair roim sclábhaidhthe aineólacha: sclábhaidhthe ealadhanta: go mbíonn tuigsint iomlán aca ar a gcéird. Cuirimís ár muinghin as, duine eólach ar an aimsir seadh é a's is maith an mhaise air cúram an bháid d'fhágaint fé: tuigeann sé imtheachta na haimsire agus tráth bheadh nó ná beadh conntabharthach dul 'n-a treis. Bíonn obair eólach ar bhád fé thuinn do dhéanamh: obair go mbíonn inchinn, meabhraidheacht chinn, tuigsint a's inntlidheacht ag baint léi. Alt maith eólach é sin sa pháipéar ar neodaracht Éireann i dtreis an chogaidh agus ar an ngábhadh atá gen dtír lé breis churadóireachta agus bainistighe d'fhonn a teacht ó

éirleach an choimheascair: alt fuaimeantamhail, éifeachtach, go raibh mórchuid bunadhais agus cur amach ann ar an nidh go raibh ag tagairt do. Lean mise a's ní baoghal duit, bead eólach duit a's ní dhéanfair dearmhad ná botún: stiúrthach: bead im cheannródaidhe agat. "Dá mb'eólach díbhse an áit úd ar Chnuicín Fraoigh ní tráchtfí etc." (Cnuicín Fraoigh an Chonnchubharaigh): dá mbeadh cur amach agaibh air: dá mbeadh aithne agaibh ar a thréithibh. Gan amhras do bhí eólas maith ar shaoirseacht ach níor bh'eólaighe air é ná ar shiúinéireacht: gach aon phioc chómh cliste chun oibre adhmaid do dhéanamh. Dubhairt sé go maoidhteach, mar is eólach duit, ná fágfadh sé "éan beo" dem chineadh gan ídeach!!! .i. gan aon iongadh do bheith ar aonne thríd, mar go raibh sé lánábalta ar é do dhéanamh tráth a's uain go dtiocfadh a theadh air [Dar liom go bhfuil so ar an gcor cainnte is géirchliste ar m'eólas]. Fág fúithe iad, siúd í atá go heólach ar shlightibh fear: is aice féin atá eólas agus "fios na mbóithrínidhe". Daoine eólacha ar gach aon chuma "go maidean ambáireach": cliste, cuimhnteach, inntileamhail ar gach céird a's ealadhain.

eólaidhe: *f.4.* duine léigheannta, cliste, inntileamhail, cuimhnteach: saoi: eagnaidhe: taitheadóir. Biorránach maith an bitheamhnach, sean-eólaidhe ceart a's a rádh ná beirtear air a's a bhfuil ag faire air: "seanionndúir": duine go raibh barr aithne, feasa agus eólais aige trí thaithighe agus chonbharsáid. Naoidhe truaighe seadh an t-aineólaidhe bocht, ní coinbhightear i bhfeadhmannas ar bith é lé n-a dhaille: tuathalán: ainbhfiosán. Bíonn eólaidhthe i ngach tigh ósda i gCill Áirne chun gluaistínidhe (breabhadóiridhe saoire) do threórughadh thart tímcheall Locha Léin agus na sléibhte: stiúrthóiridhe: fir a sheólas sa bhealach ceart iad. Eólaidhe sármhaith leabhair é seo, féilire na bliadhna ann, tuairisc ar aontaidhibh agus ar mhargaidhibh Éireann uile, cúrsaidhe na ré a's na dtaoididhe a's a lán dioghluinne eile faisnéise: leabhar a thabharfadh mórán feasa.

eólaidhe: *b.4.* uain árd, borrtha fharraige (gan briseadh). Eólaidhthe troma sa bhfarraige – dromanna reamhra – ach budh mhór an nidh gan iad do bheith briste. Bíonn an nadhbhóg go hiongtach in ólaidhthibh gan bheith chómh maith i bhfarraige briste. Tá gaoth anoir-andeas ar na heólaidhthibh sin.

eólais: *a. gein. de* **eólas** treóruightheach, deimhnightheach. An chéad uair riamh do cuireadh staic eólais i nDún Chaoin, ní gábhadh do bhreabhadóiridhibh bheith ag cur eólais na slighe ar aonne sin é anáirde annsan aca cá bealach is ceart dóibh do thabhairt ortha féin: cómhartha a innseas dóibh an treó. A Mhaighdean Bheannuighthe, is tú ár réalt eólais lé linn an riachtanais: is ort atáimid ag brath chun sinn do threórughadh as chonntabhairt an anama. Is fíorbheagán leabhar eólais atá scríobhtha ar fhoghluim na sean-Ghaedhilge: leabhartha a sheólfadh tú ar an mbealach ceart. An dá dhream ag cuardach 'sag séirseáil rómpa i réagún do-eólais nár shatail cos an duine riamh roime sin air: áit ná raibh a thuairisc ar chairt, ar léarscáil, i bpáipéar ná i leabhar. Nuair raghair suas isteach i bhfoithireachaibh do-eólais na sléibhte, seachain a's ná téighir amugha, mar ná fuil cómhartha talmhan, casán ná bealach a dheimhneóchadh an tslighe thar n-ais duit: diamhair gan rian, gan conair. Isteach i gcrioslach na Breasaíle tá baill do-eólais ann ná fuil cunntas ar bith againn ar cad tá ann nó ná fuil, ná fiú amháin ar líomadh na talmhan, forghaoisidhe tiugha, dorcha, aibhnte móra, doimhne 'san uile chonstaic do chosc a lorgaireachta: baill fé rún.

eólas: (**eolas, eólgas, eolgas**) *f.1.* coidreamh dlúth le (ar), fios, aitheantas, treórughadh, treóir, seóladh, taithighe, gnáthughadh: an fios a thagas ó bheith ag foghluim. Cé eile a dhéanfadh chómh maith leat é, tá an t-eólas ort?: fios iomlán do ghnótha nó do chúraim agat: an-chliste: budh dheacair "aitheanta a chreidimh do mhúineadh dho". Ar m'eólas, go diongmhálta dhuit, ní bhfaghainn duine níos macánta, agus gan bheith maoidhteach, is mór í m'aithne: ar líon na ndaoine go bhfuil aithne nó coidreamh agam ortha. Chuadhas as m'eólas sa cheódh agus thugas an oidhche ag trácht na mara sar ar bhaineas amach an mhín-tír: amugha: bhíos ag gabháil trí áiteannaibh nár bh'fheas dom. Chaitheas an iomad bliadhan i Mearaice, nách mór ná go bhfuil an seanpharóiste imthighthe as m'eólas: ná féadfainn daoine a's áiteanna d'aitheamhaint chómh héascaidh a's d'fhéadainn sar ar fhágas. Fear rómhór ann féin é siúd anois toisc an ughdaráis atá fachta aige, tá sé imthighthe as eólas na ndaoine: níl coidreamh ná conbharsáid eatartha feasda. "Cuir ar m'eólas me, a dhuine mhaith, treasna na sráide", ars an dall: stiúruigh treasna me. Táim dall ar cad is ceart dom do rádh ameasc na n-eólach úd, cuirtear ar eólas dom cad budh chóir dom do rádh a's do dhéanamh: teagasctar me. Níl malairt na halfraitsidheachta ar eólas aige, agus tá sé ghá thabhairt uaidh gach lá éirigheann dá leabaidh: tá sí ceangailte isteach 'n-a chradhthachaibh. Cá bhfuairis-se an t-eólas ar fad atá agat air 'e bhreis ar aonne eile: an fhaisnéis fé leith. Déin eólas dom ar Bhaile na Rátha: foillsigh an tslighe chuige dom. Dá mbeadh eólas agat ortha súd d'fhanfá uatha: dá mbeadh a fhios agat cad é an saghas daoine le holcas iad. Deirir-se gur tír shaidhbhir í; an méid eólais atá agam-sa uirthe a mhalairt ar fad: an fios atá bailighthe agam ó bheith innte nó trí léigheamh etc. Bhíodh na hamhráin go léir im cheann agam ach táid bailighthe leó ó eólas orm: imthighthe gan tásc ná cuimhneamh ortha. "Eólas go bhfaghair", deirtear trí leamhas lé duine fiosrach. Lé heólas a dhein sé é (ar mbeith dho dhíobháil déanta aige): lé meas a chlisteachta, dar leis. Chómh fada a's théigheann m'eólas-sa, ach is dócha nách rófhada san, chómhairleóchainn an dochtúir do bhreith chuige: dréir mo thuigseana. Chuaidh an cúrsa thar m'eólas agus b'éigean dom "éirghe béal na gclár as": as san amach do bhíos dall ar cad budh cheart do dhéanamh. Creideamh Dé eólas na bhFlaitheas: an bealach fírinneach. Tá sé drochthuigseanta, tuaisceartach a dhóthain, ach dá mbeadh eólas agat air níl sé le cáineadh ar fad: dá mbeadh a fhios agat connus "teidhmint do dhéanamh" air. "Agus do chuir Híream a óglacha ins an loingeas, loingseóiridhe go raibh eólas na farraige aca i bhfochair óglach Sholaimh" (1. Righthe IX. 27): fios ar an mbealach ceart chun long do bhreith ó chaladhphort go chéile. Éirighim asat, ní bheinn ag caitheamh eólais leat: d'iarraidh rud éigin do mhúineadh dhuit ná féadfá do thógaint id cheann. "An dóigh leat go n-éireóchaidh liom é do dhéanamh" – "is me atá deas air i dteannta an eólais" .i. cé hé a dhéanfadh leath chómh maith liom é? Deirtear, leis, é lé duine go mbeadh rómhuinghin aige as féin, duine tighearnamhail chun ruda do dhéanamh. Budh bheag an iongadh dho bheith claonta lé slaghdán mar is é ná raibh an t-eólas aige ar ghlanachar ná cóir cheart: ná raibh an taithighe aige ortha: a bhí dhá gceal. Ghearán an cigire mná ar aineólas mhuinntreach na leanbh i dtaobh glanachair: ceal feasa: gan aon phioc de bheag ná mhór cad budh ghlanachar ann. Nuair bhí aineólas léighinn ar na daoinibh, gan iad i ndán scríobh ná léigheamh, b'fhearr an Ghaedhling do bhí aca: daille: ceal. Dá mbeadh aon eólas ar Dhia aige, ní dhéanfadh sé leathtrom ar na bochtaibh: dá mbeadh eagla agus grádh Dé 'n-a chroidhe. Chaith na gárdaidhe tamall mór ag lorg eólais agus ghá chur lé n-a chéile sar ar cúisigheadh me: faisnéis: cunntaisidhe a chruthóchadh

go raibh baint agam le coir éigin. Féach uirthe sin de shaoirseacht, "níl aon teóra le fear an eólais" (rádh): an té go mbíonn a cheárd ar a chur aige. Madra anghleóidhte, anmheabharamhail a bhí agam a imthigh uaim lá sa Daingean, a's níor tháinig ar aitheólas ó shoin, duine éigin do sciob é, is dócha, mara mbeadh san do bhainfeadh an baile amach: de chionn ruda éigin ní dheárna sé an tigh do bhaint amach. Leig do san, tiocfaidh ciall do nuair bheidh deireadh caithte aige, é ar thrócaire an dreama go bhfuil a chuid ithte, ólta aca a's gan tor madra aca air; annsan seadh thiocfaidh an t-amadán ar aitheólas: beidh ciall cheannaigh aige a's staonfaidh dá bhóithribh aimideacha: tiocfaidh sé "ar a aithrianachaibh". Dá mbriseadh Dia mo chroidhe ionam ní fhéadfainn meabhrughadh ar m'aitheólas agus do b'éigean dom fanacht annsúd gur gheal anoir orm: teacht thar n-ais an bealach a bhí gabhtha agam. Díth eólais budh bhun dom gan an bóthar ceart do thabhairt orm féin: ceal feasa ar an mbealach ceart. Neamheólas Dia go deó linn, is bun le furmhór ár gcionnta: ceal brigh a n-iarsmaidhe do thuigsint go soiléir. Ag lorg eólais ataoi? .i. ní lé truagh ná ar mhaithe lé haonne ataoi ach le corp fiosraidheachta. Sin é an droicheólas atá agat-sa: míriagaltacht is mó go bhfuil fios a's aithne agat air. Gaibh agam an turus so, labhras lé míoruthag thar m'eólas: dubhart nidhthe ná raibh aon mheabhraidheacht agam ortha. D'éisteóchainn leis agus thabharfainn géilleadh dho mar duine deigheólais seadh é, gur mhór é a thaithighe ar an saoghal agus ar a bhfuil léighte, feicsighthe aige: mórán cunntaisidhe, tuairiscidhe a's faisnéis coidrimh bailighthe aige. "Deirtear go bhfuil mórán tuigseana aige siúd ar stair na dúthaighe" – "ní fheadar cá bhfaigheadh sé ach oiread le haonne eile, cad tá aige ach gnátheólas na leabhar?": an méid feasa agus faisnéise atá coitcheann do gach duine. Táim dall ar fad ar an saghas so oibre, dá mbeadh meatheólas féin agam uirthe thabharfainn fúithe: beagán meabhraidheacht ar connus í do dhéanamh. "Is eól do súd go maith gunna do láimhseáil" – "creid mise leis go bhfuil sé ar lageólas": nách mór gur fios do cad is ceart do do dhéanamh leis.

eólgach: (**eolgach, eólach, eolach**) *a.* taithightheach, fiosamhail, cliste, oilte. Dá mbeinn chómh heólgach leis an nGobán Saor gheóbhaidís seo, na daoine cáiréiseacha, locht ar mo chuid saoirseachta: chómh cliste, feasach chun cloch do chur i dtógbháil. Oibridhe eólgach a chaith i bhfad lé n-a chéird gur deacair aon chúig do mhúineadh dho: ealadhanta: gach cor a's iompódh den gcéird 'n-a cheann a's 'n-a mhéir aige: oilte chun a chúraim a's a ghnótha do dhéanamh go snasta, slachtmhar. Bádóir eólgach, nidh nách iongadh, mar is iomdha geábh tugtha isteach 'samach chun an oileáin aige: taithightheach. Leag sé a shúil eólgach ar an spéir chun na haimsire do bhreithniughadh: an tsúil a bhí fiosach de bharr taithighe. Budh bheag ar bhuidheantaibh eólgacha an fód do sheasamh in aghaidh earcaidhe neamhthaithightheacha: saighdiúiridhe gur bh'fhios dóibh "go dtín ruibe" cad budh cheart dóibh do dhéanamh i gcath. Is bun tuigthe d'aonne gurb eólgaighe an té a chaitheas mórán aimsire lé n-a chéird 'ná an té ná bíonn léi ach seal: gur mó an fios atá aige. Ceardaidhe an-eólgach ar chruitibh do dhéanamh a's do chur suas an gabha so: is fios do connus crúdh chúmtha, chórach do dhéanamh.

eólgaiseach: (**eolgaiseach, eólasach, eolasach**) *a.* oilte, múinte, léigheannta, taithightheach, fiosach. Iascairidhe eólgaiseacha a gheobhadh amach bannc iascaigh agus go mbeadh an t-iasc aca: cunntas cruinn aca de bharr a gclisteachta iasc d'aimsiughadh agus do ghabháil. Sé an t-atúrnae is eólgaisighe ar dhlighe ar an mbaile é, níl cor ná cúig

de ná go bhfuil go soiléir ’n-a cheann: is mó go bhfuil fios, cur amach agus achrann na dlighe léir aige. B’ait liom aon duine chómh heólgaiseach leat gan fios do chur ar dhochtúir nuair buaileadh breóidhte go hobann tu: fear chómh géarchúiseach, fiosach. B’é an fear dob eólgaisighe linn é do chur ’n-a cheann feadhma orainn: is mó go raibh fios aige, a’s budh lugha, dar linn, do dhéanfadh dearmhad ná botún. Ní hamhlaidh ná rabhadar sásta lém eólas ar mo ghnóth, ach dar leó ní rabhas eólgaiseach mo dhóthain trí cheal taithighe: cliste: gasta: deárscnach.

eólgaiseóir: (**eolgaiseóir, eólaiseóir, eolaiseóir**) *f.3.* treóraidhe, seóltóir, ceannródaidhe. “Dein i gceart é, agus mar seo” – “níl aon amhras ná go bhfuil an t-eólgaiseóir go maith agam, mhuis, agus rud do dhéanamh ort-sa”: treóraidhe: duine a theasbáineas dom cad is ceart do dhéanamh. Eólgaiseóiridhe ar churadóireacht amach ó Roinn na Talamhaidheachta ghá chur ar a súilibh dos na feirmeóiridhibh cad budh cheart do chur agus connus é do chur: glioca: fir eólacha. Connus a raghfá amugha sa chathair is eólgaiseóir agat a shiubhalóchadh gach sráid a’s cúlshráid ’sa shúile bheith dúnta aige: duine go bhfuil togha feasa aige ar cá treó gheóbhadh sé. Óir ná raibh aon taithighe againn ar ascadh cnoc ná aon chur amach ar an gceanntar thoghamair beirt eólgaiseóiridhe chun sinn do treórughadh: beirt go raibh fios aca cá ngeóbhaidís agus conntabhairt a’s duadh do sheachaint.

eórna: *b.5.* saghas gráinne nó arbhar aráin go mbaintear áis mhór as chun déanta brachta. Arán eórnan.

F

fá: *r.fh. ionann is fé, faoi, fó* lé: ag: ag iomchar: ar fuaid: ar chur: roim, i dtaobh: ar díombail: mar gheall ar: timcheall: ar feadh. "Is fearr biadh 'ná ciall" (seanfhocal), agus níor bh'fhearr Éire ná stad adeirim leat" – "is cuma liom, tástálfad é, bím "fé nó tharais": éirigheadh liom nó ná héirigheadh: caillim nó buadhaim. Is fada anois an chúis chéadna "i gcosair chró", ach beidh sí "fé nó tharais" ambáireach: réidhteófar ar chuma éigin í. Raghad fé dhuit go ndíolfaidh sé a chuid fiach leat, chun a dhearbhtha dhuit raghad in urradhas air: geallaim duit é: tabharfad slánaidheacht air. Cad déarfá fé Thomás do dhul thar lear: 'n-a thaobh: cad é do thuairm air mar chúrsa. An rud neamhthaithneamhach adubhairt sé fút-sa, ná cuir aon eadh ann, mar déarfadh sé é sin fé aonne beo: i dtaobh: mar gheall ar. Ná bíodh aon eagla ort roimis, táir deallramhtach do dhóthain do thabhairt fé: ionnsaidh é: bain tástáil as. Labhair fé chúrsa éigin gurb eólgaisighe air thu ná ar eiteallóireacht mar táir "chómh dall lé bonn mo bhróige" air: dein trácht nó cainnt air. Cad fá (fé, faoi) ndeár duit tarcuisne gan tuilleamh do thabhairt dom?: cad is cúis agat leis? Luigh fé isteach: ísligh agus beir greim docht air nó cuir tú féin in ionad go mbeidh sé os do chionn. Cad é an fuadar so fút anois?: cá bhfuilir ag dul go bhfuil an chuma ort rud éigin do dhéanamh?: cad tá ar t'inntin? Tá fúm dul tar lear: táim ar an aigne sin. Chuadhas fé a's tharais éirghe as an obair chonntabharthaigh sin nó go bhfágfadh sí cneadh air: dheineas mo dhícheall ag áiteamh air gur bh'é a leas é. Fá mbím-se ghá chómhairleach lé cion air: an fáth: an chúis. Eisean ná tusa ná aonne eile ní fhéadfadh bheith ag magadh fúm-sa: ag déanamh seóidh díom. Do theanga it leathbhéal fés na daoinibh, budh dhóigh le duine gur agat do bheadh an t-eólas ar fad: ghá ndísbeagadh: ag cleithmhagadh fútha. Tabhair faoi ndeara, a fhir mhaith, dá mhéid lán atá fút ná beinn-se "ag scaghadh gheitridhe" dhuit agus gur bh'fhearra dhuit do shuaimhneas do cheapadh: beir leat...dá mhéid meas atá agat ort féin etc. Is mór go léir an lán (tóirtéis, meas, éirghe anáirde, buailimsciathacht, etc.) atá fút: atá agat ort féin. Dá mbeadh "pingin fé chloich" agat gheóbhadh lucht bailighthe na cánach amach í: in áit dheiscréidigh. Buail fút annso go maidean: suidh fút: dein do shos, etc. Tá leathcheann ag teacht ar an gcoca (falla etc.), buail fé isteach: cuir taca, cos leis. Truagh go deo an ceól aoibhinn sin do leigeant fé thalamh ná buailfeadh duine éigin cos air: a leigeant 'n-a roilleach gan rinnce leis. Chuaidh oiread an frighe de dhubharadán fém shúil a's b'éigean triall ar an ndochtúir chun é do bhaint: fé dhuilleóig mo shúl. Téighir fé (faoi) dhéin t'athair, beidh sé ar thraen an tráthnóna: téighir agus buail leis. Dhoirteas an deoch shoghail a's d'imthigh fén úrlár: ar fuaidh an úrláir. Deimhnightheach de ní rabhas ná pioc, ach thugas buille faoi thuairm: thugas iarracht ná rabhas cinnte go raibh an ceart agam nó go n-éireóchadh liom. Leath an scéal fén ndúthaigh ar nós teine shléibhe: d'imthigh sé i ngach treó. Imthigh amach fén mbán duit féin is ná bí id "dhúra dar" annsan sa chúinne: fén spéir: ar fuaid an rae lasmuigh. Ná bíodh aon cheann fé ort ní tu an chéad duine riamh gur buadhadh air: náire. Chuala go raibh an namhaid fén gcoill ar mo lorg: scaipighthe i ngach treó innte. Fé mhaise go dtagair thar n-ais chughainn: slán, folláin, séanmhar go bhfillir. Bíonn mo chroidhe fé chnoc aige ag feitheamh leis nuair bhíonn gan teacht thar na tráthannaibh: buadhartha: trí chéile: imshníomhach. Chuiris ualach an-throm ar an gcapall, ach bhí sé fé dhuit mar tá an-neart ar fad ann: fuilingtheach: féicheamhanta ar é do tharrac. Cuimhnigh ná beinn-se fé dhuit: ag broic leat (pé cruisteach nó ciapadh nó éagcóir gur bh'fhonn leat do dhéanamh orm). Is oth liom é nách féidir liom iasacht airgid do thabhairt duit ach níl

mo phóca fé dho: níl an póca teann a dhóthain chuige. Dá rámhaimís níos láidre ní raibh an bád fé dhúinn: ní sheasóchadh sí é. Tá gach aon chosamhlacht air go mbeidh Sasana fé sa chogadh so: ar lár: claoidhte. Fan fé (ag treabhadóireacht): ná héadtromuigh an soc sa bhfód. Fanaidh fútha, (taobh na freasabhra) a gharsúna, ní fada ná go mbeid taochta agaibh: coimeádaidh an ionga dhearg ortha: ná staonaidh rian. Fé chainnt is fearr an bladhgaire sin, a's ní fé ghníomh: "focail mhóra a's mogail fhollamha": flúirse gheallamhan a's gainne cóimhlíonta. Budh ghainne fé airgead me anuiridh 'ná ambliadhna, buidheach 'o Dhia: bhí níos lugha de agam. Fuair sé mairtfheóil rósta faoi n-a díol do phrátaidhibh, d'arán agus uile: leis an dtómas gnáth a théigheas lé n-a lithéid. Is í an bhean is suaraighe fé bhiadh í dár casadh riamh orm: is gainne do thugann uaithe dhe. Fial fén mbiadh a's gach aonnidh do bheadh aige: fial ag scaramhaint lé 'n-a chuid. Nách gann do bhí an baile mór fé bhrógaibh oireamhnacha gur chuarduigheas deich siopaidhe gan feighre d'fhagháil: maidir le brógaibh oireamhnacha. Ná bí gann féd ghuidhe, tabhair d'anamachaibh na marbh go léir í: 'n-a congbháil nó 'n-a tabhairt. Fuaireas bobhla fé dhigh bhainne uaithi: go raibh deoch bhainne ann. Trí púint go beacht atá ann, níl fé ná tharais: ós a chionn nó fé n-a bhun. Bíodh fiche púnt agat, fé n-a bhun san níl aon ghnóth agat ag cur chun bóthair: gan sin. Nuair tháinig an eólaidhe isteach 'on bhád bhí sí ar an mbórd fé ag túrnáil: taobh na láimhe clé ag féachaint ó n-a deireadh ag dul i gcoinnibh na gaoithe "ag tacáil" nó ag déanamh geábhann fiar-sceó. Mise bheidh fé leis an obair seo, a's ní sibhse, má chaillimid, mar an diabhal faic agaibh-se lé teacht air: a bheidh thíos leis: ormsa bheidh an dochar ag tuiteam. Cuir na háruistidhe béal fé (fútha) ar an mbórd .i a dtón anáirde. Chuaidh an roth ar an gclaidhe a's buaileadh béal fé an trucail: iompuigheadh taobh síos suas í. Dein fén dtigh chómh tiugh in Éirinn agus is féidir leat: cuir díot abhaile nó chun an tighe go mear, tapaidh. An t-amplóir salach dá bhfeictheá ag tabhairt fén mbiadh é: ag itheadh ar nós muice. Fé thuairm bhur sláinte, a chuideachta an tighe: ólaimís le hinntin go mbeidh sláinte ar fheabhas agaibh uile go léir. "Ólaim do shláinte, a mhinic a thig/ fé thuairm sláinte a mhinic nách dtig/ is truagh nách é minic nách dtig/ a thig chómh minic le minic a thig" (cailín go raibh éileamh ag beirt uirthe. Sin mar dubhairt i láthair a muinntire agus an té a ghnáthuigheadh a dtigh, ach nách air a bhí an cion aice). Cé chuirfeadh fé n-a thuairm go mbeadh fear beag mar é chómh tréan agus tá?: cé smaoinfeadh go raibh agus a déarfadh "tá". Fear é go gcuirfinn aon olc fé n-a thuairm: ná cuirfeadh iongnadh orm go ndéanfadh iad. Níl na gárdaidhe deimhnightheach gurb é rinnce an ghadaidheacht, ach tá sé fé thuairm aca: tá amhras aca air. "Cathain anois go cruinn do bhí an sioc mór againn anuiridh?" – "fé thuairm an lae indé nó an lae indiugh, déarfainn": tímcheall nó i gcómhaireamh an lae. "Ná cuir fé n-a thuairm é", deirtear i dtaobh dhuine go mbeadh, le n-a thóirtéis, stainncín air rud – ceart nó mícheart – do chur 'n-a leith. "Connus taoi, in ao'chor?" – "faoi bhláth, a dhuine": ar feabhas. Bhuail sé chugham isteach fé n-a chasóig mhóir, nár bh'aon náire dho: í air go greanta. Ní haon uair amháin do bhuail sé me ach faoi dhó: dhá uair. A trí faoi n-a cheathair a dó dhéag: a trí do thógaint cheithre huaire. Tá teipighthe trí huaire air ach gach uair do bhí feabhas dulta ar a iarracht, éireóchaidh leis, mo thuairm, fí dheóidh: fé dheireadh: sa deireadh: i ndeireadh dála. Fágadh an talamh fé stoc: níor deineadh aon earraidheacht eile dhe ach stoc do bheith ar féaránach air. Fágaim-se fé Dhia sibh, tosach na breithe aige oraibh, ach ní rómhaith an mianach sibh: leigim díbh féin, baineadh Dia sásamh díbh. D'éag sé i Mearaice, cuireadh fé ghuidhe an phobail é indiugh 'n-a bhaile dúthchais: d'iarr an sagart ar an bpobal guidheachtaint lé n-a anam. Ar feadh na huaire ar

fad níor chailleas mo mhuinghin as, thugas mo rún dó, ach is amhlaidh do bhí uisce fé thalamh dhá dhéanamh aige orm lém namhaid, a's é ag tabhairt rúin m'aigne dhi: beart mo dhíoghbhála dhá ceapadh aige i bhfochair mo namhad. Is maith an gluaisteán (capall etc.) atá fúibh: táthaoi ag marcaidheacht ar etc. Chómh luath a's sháthas mo cheann anáirde thar scéimh an claidhe scaoileadh ruathar urchar fúm a bhain fuaim dem chluasaibh: im threó chun me bhuailte. Tásc ná tuairisc níl againn air, cé gur gheall sé go mbeadh sé annso fé cheann na seachtmhaine seo caithte: lá éigin roim dheireadh na seachtmhaine. Caithfeam malairt iarrachta do thabhairt air seo chun éirighthe linn, fé mar tá, tá ag teip glan orainn: mar sheasuigheann an cúrsa. Fág fé mar tá sé é, déanfaidh sé an gnóth go maith: ar an gcuma go bhfuil sé. D'éirigh aníos as an uisce fé mar bheadh toirt capaill d'ainmhidhe ghráineamhail: i gcosamhlacht: i gclódh. Bí fém bhrághaid ag stad na traenach: bí ann chun buailte liom. Thángthas fém bhrághaid – seisear aca – is tugadh búrdáil an anama dhom: ar mo thí: chun me do chosc ar mo bhealach. Scaip an aicíd fúm: d'imthigh sí trí gach pioc dem chorp. Fé mar dubhairt leat cheana: díreach mar etc. Chuaidh an teas (fuacht etc.) fútha: ghlacadar é. Tiocfaidh fén éadach san áit thais sin: taisreóchaidh sé ann. Cuir an carbhat cluthair sin féd mhuineál ón bhfuacht: tímcheall do mhuiníl. Biadh a's deoch ann ag imtheacht fé chosaibh na ndaoine: iad go flúirseach, fuighleach ann. Níl ár mbaile-ne in ao'chor fé liomatáiste bhur sagairt-se, bainimid leis an bparóiste is giorra dhíbh ámhthach: 'n-a bheatha: 'n-a cheanntar: fé n-a dlighinse. Chómh seanda san don dtigh gur thuit sé fé thalamh: i ngabhal a chéile: níor fhan pioc de 'n-a sheasamh. "An maireann súd fós?" – "is fada fé thalamh dó": sa chré: san úir: san uaigh. Chuaidh sé fé uisce trí huaire: d'imthigh as radharc dá aindeóin nó lé n-a thoil. Scaoilimís fé (an bóthar, obair etc.) anois: tosnuighimís: gluaisimís. Fada féd láimh, ní gábhadh leath an deabhaidh: beir fada air: tóg bog é. Fán am go bhfillir bead-sa réidh: um an dtaca etc. Fá shlighe aniar tar lear don luing nuair pléascadh í: ar an slighe in áit éigin neimhchinnte. Fá (fé) láthair níl ar mo chumas faic do thabhairt duit, ach b'fhéidir ambáireach: i láthair na huaire: ar an uain seo. Druid síos fé íochtar an tighe: sa treó san. Bhuail Séamas Seán, fá sin bhuail Tadhg Séamas: air sin: leis sin: gan ró-mhoill. Ná bí ag síneadh do mhéire fúm-sa: ná bí ag deimhniughadh orm-sa (i bhfonmhóid nó le tarcuisne). Bhíos i bhfad ag brughadh m'fheirge fúm go dtí gur bhris ar an bhfoidhne agam: ghá smachtughadh. Thug sé fogha sainnteach fén ndabhaid fheóla a bhí ar an mbórd: thug iarracht thapaidh ar a sciobadh. Thugas seáp fén ndoras do bheith agam roim aonne eile: iarracht mhear ar é do shroichstint. Tugadh lasca fén madra a bhris a easnaidheacha: buaileadh leis an mbróig é go dúluighthe. Tugadh fúm de dhruim an chlaidhe: caitheadh urchair liom: ionnsaidheadh me. Cá bhfuilir ag cur fút anocht?: chun na hoidhche do chaitheamh. Ní raghainn féd bhreith ar Éirinn: ní fhágfainn an réidhteach fút. Is fút-sa atá an réidhteach eatartha so, ní ghéillfidís d'aonne eile: is agat-sa atá a dhéanamh nó gan a dhéanamh: tá cead saor agat chuige. Smaichtín bodaigh go raibh gach aonne fé tharcuisne a's fé lais aige: é ag déanamh pé nidh budh mhaith leis leó. Ná labhair fé sin in ao'chor, ní thaithneóchadh sé léd lucht éisteachta: ná trácht air. Tóg an tualán (citeal) so den teine, tá a bhfuil d'uisce ann dulta fé bheirbhiughadh: imthighthe 'n-a ghal. Capall (asal, ráineach, correach) fé eachmairt, an bhó fé dháir, an chaora fé raith, an madra fé adhall, an cat fé chatachas, an chráin fé chlí: in ionbhaidh cumaisce. Fé mar dubhart-sa leat, féach gur thárlaidh sé: ar an gcuma go dtárlaidh sé. Tá sí fé chois ar fad anois, cailleadh a raibh aice: claoidhte. Admhuighim go bhfuilim fé chois: buaidhte orm: claoidhte.

fabhall: *f.1.* casadh na taoide, tréis cheathramhan (mó mar sin de) do bheith caithte, cois talmhan mar a mbíonn lúb díreach mar chídhfeá ag sconnadh abhann an t-uisce ag casadh chois an dá phuirt. “Ar chas an fabhall fós?” - “níor chas, níl a dhóthain lán (nó tráighthe) dhe”. Ar chasadh don bhfabhall iascóchaidh do dharadha .i. lagóchaidh an taoide iar gcasadh uirthe féin ar a dhá faobhar cois talmhan. Fan i gciumhais an fhabhaill, is ann is ciúine an fharraige.

fabhar: *f.1.* muinnteardhas, léighe; combáidh; suim; gar; comaoin, cineáltas, tairiseacht. It fhabhar ní bheinn in ao’chor mar ná fuil ceart ná cóir agat: ar do thaobh: i dtacaidheacht leat. Beidh an ghaoth i bhfabhar dúinn a’s ardócham ár seólta: ag séideadh ar chuma go gcabharfaidh linn. An mbeifeá i bhfabhar Shasana i gcoinnibh na Gearmáine?: ar thaobh Shasana: ag déanamh tacaidheachta léi. Beidh an lá leat, tá na daoine a’s gach aon rud it fhabhar: leat: ag cabhradh leat. Cé nár chabhras leis bhíos ’n-a fhabhar: ar a thaobh san den gcúrsa. Mara mbeadh go bhfuilid ceanamhail ort, ní bheidís it fhabhar: ag cainnt ar do thaobh. Fuaireas fiche púnt ar iasacht uaidh chun an chíosa d’íoc, níor b’é an chéad fhabhar riamh aige liom é: gníomh cineálta, muinnteardha: comaoin dhá chur orm. Nách mór mar tá an aimsir i bhfabhar síne an tsneachtaidh: claonta le sneachtadh do dhéanamh. Go gcothuightear do san, is maith an bhail air Dia a’s an saoghal do bheith ’n-a fhabhar: ar a leas: chun a mhaitheasa. Bíd i bhfabhar a chéile i gcómhnaidhe, ní fheaca riamh tuiteam amach eatartha: muinnteardha, grádhach, síothach. Toisc an fabhar a bhí leis sa chúirt ní raibh an bhreith dian air: an léighe: combáidh. Is mór é m’fhabhar ionat, níor mhian liom do dhíth ná do bhascadh: mo shuim. Níor tugadh fabhar ná cuimhne dhó: ní bhfuair cineáltas ná machtnamh. Ó tá muinntir an pharóiste go léir i bhfabhar tigh uachtair do bheith aca ní fuláir nó gheóbhaid é.

fabharnas: *f.1.* ar aiste bheith réidh, ullamh: tiargabháil. Bíodh gach aon rud a theastuigheas uaibh i bhfabharnas agaibh, chun moille do chosc, ar an uain ceart: réidh: ullamh: feistighthe: curtha i dtreó. Riamh ní dócha gur deineadh an oiread fabharnais chun cogaidh a’s tá déanta ar an dá thaobh sa bhFrainnc: tiargabháil: gach nidh riachtanach bailighthe, cruachta, gléasta. An bhfuil an gluaisteán i bhfabharnas? má tá gluaiseam: ullamh: réidh: gléasta.

fabhra: *f.4.* (*iol.* fabhraidhe, fabhraidheanna, fabhraidheacha) an stuagh ruibeach os cionn na súl: braoi: mala. D’fhéach sé fé n-a fhabhraidhibh orm: thug sé féachaint i ngan fhiosaidheacht orm: thug sé féachaint míothaithneamhach nó fiosach orm - go dtuigfinn aiste. D’aithneófá ar a fhabhraidhibh ná raibh aon ghnaoi air: an chuma ’n-a rabhadar casta aige. An fabhra uachtair agus an fabhra íochtair: an ceann thíos is an ceann thuas.

fabhrach: (**fabharach**) *a.* muinnteardha: léigheamhail, cineálta: tacamhail: comaoineach, leathtaobhach, claonta. Sin triúr a bheidh fabhrach dúinn, ní fheadar cad deirim leis an gcuid eile, tá “muc ar gach malainn” leis gach aonne aca, pé ciall é: a bheidh ag teanntughadh linn...tá cuma namhadach etc. Le gaoith agus taoide fhabhraigh ní fada bheadh bád ag dul ’on Sceilig: gaoth a’s taoide ag cur léi. Pé duine a bhíonn nó ná bíonn fabhrach leat, bím-se: ar do thaobh. Pé duine a bhíonn nó ná bíonn fabhrach duit bím-se, is minic do dhúnaim mo shúile ar do mhithididhibh (lochta): géilleamhail: ní

bhím milleánach ort fiú nuair bhíonn a chúis agam. Díreach agus sinn ag itheadh tháinig sé isteach go fabhrach do féin agus ocras air: tráthamhail: san am cheart. D'éirigh ár bhfuireann-ne chun an fhir chirt ghá áiteamh go raibh sé fabhrach leis an bhfuirinn eile: claonta ar a son. Fuairis-se cion beirte den roinnt uaidh, níl aon baoghal ná go bhfuil sé fabhrach leat: léighe aige leat: báidheamhlacht ranna. Salach do thagann an ghaoth air, a's deineann sí léirscrios de dhruim na gcnoc, an ghaoth chéadna dá mbeadh fabhrach ní braithfí í: glan. Is fabhraighe go mór chun arbhair an cliathán talmhan so go bhfuil a aghaidh leis an ngréin 'ná an talamh go bhfuil a chúl léi: is éascaidhe é: is fusa don arbhar fás ann toisc feabhas aiste na háite.

fabharaidheacht: *b.3.* leathchuma, claoine, leithleachas, páirtidheacht. Teasbáineadh fabharaidheacht dó, tugadh eaga dho an cíos do dhíol: géilleadh dá "bacaighe". Bheadh meas agam ar a lithéid ná beadh aon fhabharaidheacht aige leis an saidhbhir ar aimhleas an bhoicht. Ní trí scrúdughadh ná lé n-a fheabhas do fuair sé bheith 'n-a chléireach bainnc ach lé fabharaidheacht na stiúirtheóiridhe: léighe: leathchuma ar a shon. Fan go bhfeicir, cuirfead geall leat ná raghaidh an dlighe 'n-a choinnibh, tá fabharaidheacht leis an mbioránach san: claoine: táthar "buidheach de".

fabht: *f.3.* máchail, locht, éasc, neamhfholláine, fochall; lobhthacht, neamhchoinne. Prátaidhe ró-mhóra níl ach fothcheann aca ná go bhfuil fabht ann: fochall: croidhe lobhtha. Ní bhfuaireas aon fhabht riamh ann, níl faic dár gheall sé dhom ná gur chóimhlíon: níor chuir sé aon diombáidh orm. Mara mbeadh fabht éigin i ngan fhios do bheith sa chapall ní dhíolfadh sé é is gnóth aige féin de: locht: máchail. Ó n-a thóin go dtí n-a cheann ní bhfaghfá fabht ann togha earradh é: aon rud as an slighe go bhfaghfá locht air.

fabhtach: *a.* máchaileach, lochtach, neamhfholláin, fochallach. Prátaidhe fabhtacha gur lait uisce na bliadhna iad, ná faghfá ceann fén gcéad aca gur bh'fhiú duit a itheadh: lochtach: fochallach: riabhach, máchaileach. Fiafruighim dhíot an bhfuairis fabhtach riamh mé?: ar chuireas díombáidh nó neamhchoinne riamh ort? Ainmhidhe fabhtach go bhfuilir d'iarraidh a chúram do chur díot, go bhfuil a anál briste: lochtach.

fachail: *b.2.* (*iol.* fachailidhe) clúdach, seicin, scannán, screamh, scim. An fhachail atá ar a súil ní thaidhbhsigheann sí ró-dheas: an scannán: clúdach. "Ní fada uaidh an chabhair" tá fachailidhe an bháis ar a radharc: ag "druideam leis an mbaile": tá clúdach ag teacht ar na súilibh aige. Tá fachailidhe éigin ort-sa ná feiceann tu an long: scáthshúilighe: scáth nó clúdach éigin. Bainfead-sa na fachailidhe des na súilibh agat-sa mura bhféachair agus gan bheith ag satailt ar dhaoinibh: osclóchad-sa do shúile dhuit: bainfead brach na hoidhche dhíobh.

fachain: *b.2.* ₇ *3.* cúis, adhbhar, bun, fáth, milleán. Gan fachain gan adhbhar tháinig breóidhteacht throm air 'n-a bheatha shláinte: gan chúis: gan aon drochúsáid, neamhaire etc. Cuirim a fhachain ortsa gur tú is bun leis an achrann so, mar is tú a thairng an chéad bhuille: cúis: gur tu an fáth. Níor bh'eól d'aon dochtúir aca cad é an galar a bhí air, ní lugha ná b'eól dóibh an fhachain: an rud do chuir air é. Ní dearbhtha biana ar bhata

bacaigh ’ná go gcuirtear fachain gach nidh a sladtar ’n-a leith toisc ainm an ghadaidhe do bheith air: go milleántar é ar an thap.

fachairne: *f.4.* aosógach, teann, láidir, ceólmhar: duine, ainmhidhe nó iasc talcanta. Fachairnidhe ban, lán d’anam a’s d’anáil ná deárna lá oibre riamh ’n-a mbeatha, is dóibh nách iongadh rian a gcoda do bheith ortha: teanna, bríoghmhara. An garsún so go bhfuilim ag tagairt do, níl árd in ao’chor, fachairne talmhaidhe íseal, téagartha: talgánta, chómh láidir le capall a’s chómh daingean le carraig. Tá sé ráidhte riamh go “mbíonn dhá cheann ar an iasc” ach creid é seo gur mharbhuigheas breac ruadh go raibh deich bpúint meádhachtainte ann! nár thaithneamhach an fachairne é: an breac toirteamhail. Capall gearra, íseal gan amhras seadh é ach tá sé ’n-a fhachairne theann, láidir: fuinnte, déanta, daingean ar a chéile. Fág an tslighe uaim, a fhachairne dhíomhaoin: duine go bhfuil sé ann (é de dhéanamh air) obair do dhéanamh a’s nách mian leis sin. Fachairnidhe buachaillidhe gach nduine dár bhfuirinn: buachaillidhe a fhuilngeóchadh suathadh agus tuargaint in imirt.

fachnaoid: *b.2.* cleithmhagadh, fonmhóid, scige, stealla-mhagadh: beithé (fé). Ag fachnaoid fúm ataoi an lá deirir gur cheart me do bheith im uachtarán ar an ndúthaigh: fastaoim mhagaidh fúm. Ní feictear dom cá bhfuil an fhachain fachnaoide fé mhaimilíneach mar é ná fuil ábalta ar dhul treasna na sráide: an chúis stealla-mhagaidh. “Is róbhreágh an t-éadach é sin ort”, ar seisean, ag fachnaoid fúm, agus gan orm ach na giobail: do rádh ruda go tarcuisneach chun gáiridhe do bhaint amach. An fhachnaoid seo fúm-sa a’s mo chuid oibre imthightheann díom ar nós uisce den lachain: aon eadh ní chuirim i gcainnt ná i bhfeádhannaibh chun magaidh do tharrac orm. Níl ach fachnaoid bheith ag saothar go duaibhseamhail a’s gan faic dá bharr: searbhas, ag déanamh ruda a chuirfeadh chun gáiridhe duine lé n-a aiteas: baois. Fachnaoid fén aifreann seadh fanacht lasmuigh den sáipéal lé n-a linn: beagshuim tharcuisneach: ag déanamh beithé faoi.

fachnaoideach: *a.* magamhail, scigeach, fonmhóideach. An fear a bhuail ar an mbóthar leis an seanduine agus a bheirt mhac go raibh an t-asal aca is é a labhair go fachnaoideach nuair dubhairt leó gur mhór an náire dhóibh leigeant don bhfachairne asail imtheacht saordíomhaoin a’s iad féin bheith ag bacadghal an bhóthair; a’s gur chóra dhóibh dul ar a mhuin!: go scigeamhail: i slighe mhagamhail. An chéad uair nuair chuireas an “filleadh beag” orm bhíodh cuid des na daoinibh go fachnaoideach fúm, ag gáiridhe fúm laistiar dem dhrom, ag caitheamh carbhall míomhúinte i dtaobh mo chroicinn leis etc.: d’iarraidh droichmheasa na coitchiantachta do tharrac orm agus aoibhneas dhá bhaint aca as a n-iomchar fonmhóideach féin.

fad: (**faid**) *b.2.* achar, scar aimsire nó slighe: tamall, seal, eaga. Cad é an fhaid as so ’on Daingean?” – “trí míle”: achar, slighe: ar a thómhas cad é an méid míle etc. a bheadh ann? Cad é faid an tighe sin?: a thómhas ó cheann ceann. Dheineas fead air is ghlaodhas air in árd mo chinn a’s mo ghutha, ach níor chualaidh me, bhí sé faid na feidhle uaim: chómh fada agus b’fhéidir leis an súil sroichstint: achar fada: slighe mhór ó bhaile. “An rabhais ag feitheamh leis?” – “bhíos faid gach nfhaid go raibh tinneas im chosaibh ó bheith ann”: tamall mór, fada. Is geairrid an mhoill ort dul go dtím thigh-se ón mbóthar, níl sé ach faid urchair méaróige ón mbóthar: an scar gur b’fhéidir leat cloch etc. do

chaitheamh. Ar fhaid mo shaoghail tá súil agam nár dheineas fachnaoid fén seanaois: ó bhíos im leanbh go dtí so. “Tá (bhí, bheadh, dá mbeadh etc.) faid sin ann”, deirtear ag síneadh amach na láimhe nó ag scaramhaint na lámh ó chéile chun a chur in iúil an tómhas a bheadh sa rud go mbíonn tagairt do ó cheann ceann. Faid (faide) sin de bhlúire thobac (tómhas méire). Chuir sé faid sin dá theangain amach fúm ag fachnaoid fúm: smut mór dá leidhb d’fhoillsiughadh a chuid margaidh a’s mímheasa. “An fear árd é?” - “faid an lae ambáirigh ann!” .i. an-árd ar fad. Le n-a fhaid ní raghadh an clár úrláir idir dhá fhalla b’éigean smut do bhaint de. “Éirigh, siubhaluigh ar feadh an fhearainn ’n-a fhaid agus ’n-a leathad, óir do bhéarfaidh mise dhuit é” (Gen. XIII. 17): ar an gcuid is sia dhe. “Tá faid laethe ’n-a dheaslámh; is ’n-a láimh chlé saidhbhreas is onóir” (Seanráidhte III. 16). An fhaid agus bheidh airgead agam-sa ná beireadh aon bhroid ort gan teacht ar m’éileamh: an feadh: i rith na haimsire. Céad troigh ar faid atá mo thigh: ó bhinn go binn an tómhas san. Tógadh ó thalamh me lé neart na gaoithe agus síneadh ar m’fhaid a’s ar mo leithead (leathad) me: buaileadh ó chúl mo chinn go sálaibh mo chos slinn me. Fuair sé a dhíol agus is mithid é, fuair sé ar a fhaid agus ar a leithead é: buaileadh “ó thalamh” é: fuair sé búrdáil agus tuargaint. Thugas do ar a fhaid a’s ar a leithead é, níor choigleas an teanga air: thugas íde bhéil ghráineamhail air: tarcuisne a’s dímheas: fachnaoid fé. Is fada anois me ag bruic léd tharcuisne agus, (a) fhaid ar a ghiorracht é má gheibhim focal eile as do bhéal, go mbrisfead a bhfuil d’fhiacalaibh id cheann: in aon fhocal amháin: gan tuilleadh gleóidh de. Rugas ar bhreac go raibh faid mo láimhe ann!: faid mhór. Léan air mar iasc! ní raibh faid mo lúidín ins gach aon bhreac de: suarach, sprionnlaithe, an-ghearra. Ar na feádhannaibh aite agus an drochfhuadar atá fé béarfaidh droichíde air, ach ós sé is toil leis, tabhair faid a théide dho: scaoiltear leis go deireadh na scríbe. “Dá fhaid an lá tig an oidhche” (seanfhocal): pé achar é críochnuigheann sé: an rud a bhíos os chionn duine (an bás cuir i gcás) tagann sé i ndeireadh dála. An dá lá (dhéag) agus faid mhairfir ní chuirfir cos ar an dtaobh istigh de thairsing an tighe seo, a fheille-bhleaigeáird: caith as do cheann aon chao ar theacht a bheadh ann. A fhaid agus bhís gan teacht ar ár dtuairisc shaoileamair gur rud éigin do bhí déanta as an slighe againn ort: an aimsir mhór do bhís gan teacht. Budh lúthmhaire an capall dubh ’ná é, ach i bhfaid an chúrsa do bhuaidh an bhuaine dho: ag déanamh siar go hárd sa rás dóibh. Bí coigilteach ar an airgead, aimsir amhgarach aimsir chogaidh, cuir i bhfaid gach aonnidh: bain siar as: bain as a bhfaghair ann go cúramach. B’fhearrde thú an chúis do chur i bhfaid, bhí an suathadh, a’s díomas na ndaoine, id choinnibh ag fuaradh: do chur ar gcúl ó athlá go hathlá. “An rud do théigheann i bhfaid téigheann i bhfuaire” (seanfhocal): an rud ná deintear ar láthair na huaire, imthightheann ar manaois: le himtheacht aimsire deintear dearmhad ar fhurmhór aonnidh. Is oth liom go mbeidh orm tu do thabhairt chun na dlighe i dtaobh na bhfiach so táid dulta rómhór chun faid slighe: imthighthe thar cuimse ar fad: iad amuigh le breis mhór agus a gceart cuimseamhail. Shaoileas ar dtúis go dtógfadh sé aghaidh a chaoraidheachta dhíom a’s go stadfadh dem náiriughadh, ach is ag dul i bhfaid ’si ngéire a bhí sé orm: ag éirghe air do bhí chun breise imdheargtha do thabhairt dom. Tá do gharsúin ag dul i bhfaid: ag fás. Eanáir fós againn níl faid mhór ar an lá: breis. “Seo deoch duit, a dhuine spallta” – “faid ar do shaoghal”: go mairir bliadhanta buana, fada. Cuireadh an oiread san feirge air ná féadfadh sé bruic linn gur imthigh faid ár radhairce uainn: chuir de go raibh achar mór slighe eadrainn. Suidh a’s bíodh cuideachta againn, ní beag duit a fhaid a’s bhír ar do chromadh: tugair sáith aonne d’aimsir ag obair. A fhaid uainn atá Mearaice!: nách fada, diamhair an turus go dtí san. Bád fiche troigh d’fhaid: an

tómhas san ó n-a fosta go snaidhmin. Ó fhaid a's thugais cuireadh dhó níl aon leithscéal aige: mar gheall ar gur thugais. "An fada a bhí an nidh seo ag tárlachtaint?" – "ó fhaid a's labhras": ar feadh na heaga atá ó osclas mo bhéal. "Eachtra an droichscéil i bhfad uainn" (rádh): nár chloisimíd go dtuitfidh aon drochrud amach i gcómhgharacht dúinn. I bhfad uainn an t-olc ní fheadair duine cá mbíonn fód a mharbhtha: nár leigidh Dia go dtárlóchadh aon drochnidh dúinn. "I bhfaid siar atá sé annso" deirtear lé duine a ghnidheas beart ná cuirfeá fé n-a thuairm nó lé duine go mbeadh droichmhianach nó aon tréith eile 'n-a chodladh ann nó gan bheith soiléir. Sin é an t-airgead ar fad anois agat: an tsuim iomlán: gach pingin de. D'fhágas ar fad iad: deireadh agam leó. "Téigheann cearc trom i bhfad" (seanfhocal) .i. dá éadtruime d'éan í nuair bheadh a hiomchar tamall maith ar dhuine mhothóchadh sé í. I bhfad den oidhche ag feitheamh leat go himshníomhach agam: "cuid mhór mhaith" dhi. Téigheann droichscéal i bhfad: scaipeann sé go luath; ach téigheann droichscéal i bhfaid: cuirtear breis leis gach uair do haithristear é. Raghadh sé i bhfad ar na cheithre fichid bliadhain do bhrughadh amach: dian air: ní mór na bliadhanta má bheadh in ao'chor aige le chómhaireamh chun na gceithre fichid do shlánughadh. I bhfad ó shoin, an fhaid sin gur b'é an cuimhne is sia siar im cheann é bhíodh fothrach an chaisleáin 'n-a seasamh: tamall fada de bhliadhantaibh. Chuadhamair i bhfad isteach ag réidhteach ár ngaoil le chéile: thaighdeamair mórchuid. Ná téighir i bhfad orm mar níl an t-eólas orm duit: ná téighir ródhian orm. Chuadhthas i bhfad air d'iarraidh pé rún do bhí aige do bhaint amach as a chroidhe: dian: scrúduigheadh go mion é. I bhfad rómham (im dhiaidh, os mo chionn, fém bhun): slighe fhada. "An mianach céadna éadaigh an dá chuairisce seo" – "ní headh, táid i bhfad ó chéile": ní hionann iad in ao'chor. Ní raghaidh an méid bheag so aráin i bhfad ar an sluagh fear atá ann: ní bheidh cuid ag teacht chun an uile dhuine aca: ní fada lé dul é. Chuadhas i bhfad ar é d'fheicsint, ní raibh sé ach imthighthe díreach nuair thána ar an láthair: i ngiorracht do: ní mór ná go bhfeaca é. "An bhfuil an ceart agam an turus so?" – "i bhfad as": táir amugha go mór nó táir tamall mór ón bhfreagra ceart. "Ceaca is fearr Seán nó Séamas?" – "Seán i bhfad": go mór mór. Cuimhnigh ná beinn-se i bhfad leat: go gcuirfinn "cómhartha" ort: go ngoirteóchainn thu: go gcuirfinn rian ort. Mo dhá ghradhain thu, a bhaile i bhfad siar: an buile iargcúlta: gur beag baile atá idir é agus an fharraige mhór. Ní dócha go bhfuil an míle púnt slán aige, ach téigheann sé i bhfad air: isteach agus amach leis. Dá mbeadh sé a sheacht nfhaid raghainn ann: is cuma cá fada ó bhaile bheadh sé. Ní aithnighim in ao'chor iad, daoine i bhfad síos iad: isteach i lár na hÉireann nó ón dtuaisceart.

fada: *a.* sínte i slighe, i líomatáiste, in am nó in eaga: i gcéin: in achar: mall: leadaránach: sínte nó seartha i bhfuaim nó i nglór. "Ní abrann galar fada bréag" (seanfhocal): is é dán an ghalair leadaránaigh do bheith tubaisteach. "Seasamh fada ar chosaibh laga" dhom bheith ag feitheamh leis an bhfear neamhdheimnightheach: leadaránach. Beir fada air, cá bhfuil do dheabhadh?: tóg bóg é: cuir díot an t-imshníomh agus an mhíofhoidhne. B'fhearr dhuit go mór a's go fada foidhne do bheith agat 'ná rudaidhe do dhéanamh le míoruthag: is mó go mór do bheadh dá bharr agat: chun do leasa ar fad dob eadh é. Chómh fada agus bhír-se ar mo thaobh an gábhadh dhom faitchíos caillte do bheith orm?: an cian: an fhaid: an tréimhse aimsire. Cuirfead an leitir chuige ach chómh fada le hí do scríobhadh duit b'fhearr liom i bhfad ar do shon féin gan a dhéanamh: maidir le hí do scríobhadh. Tabharfad aon tsuim chómh fada lé dachad púnt duit: suas leis an suim sin. Gheóbhfá-sa aonnidh uaidh le léighe leat, ach chómh fada le haonne eile dhe: maidir le

haonne eile: i gcás aonne eile. Tá gach aon rud go maith chómh fada leis seo, ach cad déanfar feasda?: go dtí so. Dubhradh leis labhairt má b'é a thoil é chómh fada a's budh mhian leis: chómh maith do labhair: rinne sé mar iarradh air. B'é b'fhada leis an lá go bhfeiceadh sé thu: bhí sé an-imshníomhach leis an eaga a bhí roimis. "Ná fuilimíd i ngiorracht do Bh'l'Áth Cliath?" – "is fada buidhe uaidh sinn, sid é Port Laoighse": táimid seal mór fós uaidh. "Ón dtaobh thiar de Mhearaice an fear gur cheangail sí leis" – "b'fhada an héileá é": achar mór slighe: "ná faghadh sí fear as bhall éigin níos giorra dá dúthchas?" Más é seo an déanamh (olc) do gheibhim ar theacht dom, is fada, fada go dtiocfad airís, beidh snas ar na fallaidhibh agaibh: aosóchaidh an saoghal go maith. "Seán fada": Seán árd. Tá bóthar fada roim Shasana buadhachtaint ar an nGearmáin: caithfidh sí seal nó tréimhse mór aimsire ag gabháil de, sé sin má éirigheann in ao'chor léi. Siopadóir fada fé n-a cháirde seadh é: ní éiligheann sé fiacha go grod ná go tuaisceartach. Bíonn sé fada chun labhartha a's budh mhór an truagh é; budh líomhtha an cainnteóir é mara mbeadh an mháchail sin: uaireannta moilligheann sé bhreis idir a ráidhtibh. Bí fada chun labhartha, ná dein aon tuaiplis. "Is fada lé fear fionnraighe é" (seanfhocal): an té a bhíos ag braithteól 'sag feitheamh lé súil go dtiocfadh rud éigin air go mbeadh gábhadh leis nó go mbítear ag faire air taidhbhsigheann a sheacht nfhaid san aimsir, nó is furaiste imshníomh do chur air. "Nách fada atá an t-amadán siléigeach san" – "gura sia 'ná san é!": nár thagaidh sé chómh luath agus is dóigh leat (lé searbhas, leamhas nó áthas). "Ní fada uaidh an chabhair anois" (rádh): tá sé ar thuilleamh báis. Scartha ó chéile dhóibh anois "chómh fada a's tá an réilthean (réaltan) ón Spáinn": na céadta míle eatartha: gan puinn cao aca ar theacht chun a chéile airís [an í an réaltann so Éire nó an reann neimhe go bhfuil tagairt do?]. Bhís chómh fada ó n-a bhualadh a's tá an réilthean ón Spáinn: chonnsuigh ar fad ar fad ort é do bhualadh: i bhfad ón marc duit. Is fada ó chéile an dá scéal – craoladh Shasana agus craoladh na Gearmáine: ní aontuighid ar phonnc ar bith. B'fhada mar phaiste ar an mnaoi éirimeamhail úd tuatach aineólach mar é do ghlacadh mar chéile: "ní chuimneóchadh sí 'n-a bheathaidh air": "shéidfeadh sí fuil shrón" dá samhlófí a lithéid léi. Ní indiugh ná indé atá san ag tréigean ach lé fada an lá: tréimhse, seal mór aimsire. I mball na i mbeárnain níor bhuail sé umam lé fada riamh: tamall nó seal mór aimsire. "Fada righin thú" (rádh): ar an eiligean gcéadna teann gan lag ná stalcaidheacht d'obair. Rámhaidh go fada: rámhaidh go láidir cómhshnáthach ar an mbuille gcéadna etc.

fadaidheach: *f.1.* duine árd (caol): crannlaoch. "Tair anuas as san, a fhadaidhigh cham-ghéagaigh" arsa mise, nó brisfir léd phlaosc an ceann den dtigh. "Is fearr téagarthach talamhaidhe ná fadaidheach fann" (rádh): is fearr an fear téagartha etc. ná an fear árd etc.

fadáil: *b.3.* moill; leadarán, siléig(e). Ná cuir a thuilleadh fadála orm nó fágfad ar do thóin annsan thu, táim déidheannach cheana mar gheall ort: moill. Thabharfadh san a lá 'sa shaoghal ar fadáil i dtigh tábhairne ag tnúth le braon gan chuimhneamh ar thigh ná ar mhuinntir aige: caitheamh na haimsire gan bail gan tairbhe. Sciúird sé tríd an bparóiste ar nós an eitealáin gan aon fhadáil labhartha lé haonne: gan moill do dhéanamh. Beireann fadáil gach aon lá riamh air ar shráid an bhaile mhóir: "meádhon oidhche an turcaidhe" a bheireas abhaile é. Chuir fadáil na hóráide déistinn ar a raibh ag éisteacht léi, ath-aithris ar gach rud dá ndubharthas: a moille agus a faid agus a righineacht gan slacht.

fad-análach: *a.* buan fé anál (aineál), fé chainnt. Féach ar an slogadh do thug sé don ndigh úd nách fad-análach an póitire é: i ndán dighe do chongbháil ar a cheann seal fada. Budh dheacair iad súd do thraochadh fir fhad-análacha lán de bhuancas iad: anál neamhsho-thraochta aca. Nár bh'fhad-análach an cainnteóir é gur thug sé dhá uair chluig ag cur as gan oiread a's sos nóiminte do dhul air?: buailtseasamhach 'n-a ghlór.

fadálach: *a.* siléigeach, righin, mall: moilleach, liosta. Mara mbeadh mo shuim san obair fadálaigh seo, ag scríobh gan scur ó dhubh go dubh ó ló go ló bhrisfeadh sí an croidhe ionam: tuirseamhail de dheascaibh a faid 'sa hionainne. Aicíd fhadálach a bhuail é, gur chaith sé na bliadhanta 'n-a luighe leis, gan maitheas go lá a bháis: righin, leanamhnach ar an eiligean céadna. Budh mhó suim do cuirfí ann ar gan é do bheith chómh fadálach 'n-a úrlabhra, tá sé claon le hiomad sos do dhéanamh: mall, ath-aithriseach. Ná bíodh súil chómh luath san ón sráid le fear an tighe seo agat, níl sé ar thuaith an bhaile fear is fadálaighe 'ná é nuair castar cuideachta air, ní bhíonn éileamh ar thigh ná ar threabh aige: neamhéascaidh chun gluaiseachta: righinchorruightheach.

fadálacht: *b.3.* siléig(e), liostacht. Leath fadálachta chainnte dhéanfadh do ghnóth, táimíd leathchortha ó bheith ag éisteacht leat gan cao ag aonne ar "haf san" do rádh: moille, righne: cur siar siar as gach aon rud a sceinneas ód bhéal. Ar mh'anam féin féin mhuis ná fuil aon fheabhas air agus gur b'iongadh liom-sa maran i bhfadálacht do raghaidh an fuacht so air: chun leadaráin: chun siagaidheachta. Fiche uair d'athchuinigheas air éirghe dhíom go raibh a dhóthain mór easurrama tugtha aige dhom, ach nár chás do, is ag dul i bhfadálacht orm do bhí sé: ag dul i "bhfaid 'si ngéire": ag méadughadh ar a ghlór do bhí.

fad-amharcach: *a.* fad-radharcach, géarchúiseach, do thabhairt fé ndeara roim ré. Deirtí go bhfeiceadh "Coilí" caoire ar an oileán sé míle ón míntír, nár bhfad-amharcach an fear é: radharc láidir, iongtach aige. A thúisce a's fóradh cogadh níor staon go bhfuair tómas bliadhna de ghannaidhibh an tighe ar eagla éirighthe agus gannchúise nár bh'fad-amharcach an bhainistighe dho é: réamhthuisgeanach: réamhchúramach. An fad-amharcach na gloinnidhe iad san agat?: an bhfeicfeá i bhfad ó bhaile leó? Cnoc fad-amharcach seadh Cruach Mhárthan, na mílte mílte i ngach áird fén súil as: ar dheis radhairce lánfhada.

fad-aradha: *b.4.* foidhne: faidteadhall: ciall chinn: léir-mhachtnamh. Caith fad-aradha le pé bhuadhairt a thagas ort agus ní raghaidh sí a leath chun luighte ort: foidhne. Mara mbeadh fad-aradha an duine a bhruic leis an ngealtán a bhí ghá chiapadh a's ghá chur chun achrainn: ciall chinn: foidhne agus féachtaint roimis. Fad-aradha an domhain atá ann ar an mbuile breóidhtighe atá air agus a luighead gearáin do dheineann: faidtheadhall: bruic go calma lé tuargaint tinnis. Tógfaidh súd an ceann is fearr aca, fág fé mar tá an fhad-aradha ann: géire a's léire inntine: léirbhreithniughadh. Fad-aradha: aghaidh bhreágh fhada: gnaoi bhreágh, mhór, dhreachamhail.

fad-aradhnach: *a.* foidhneach, faidtheadhallach, léirmhachtnamhamhail, mórmheabhrach, fuilngtheach. Bí fad-aradhnach, ná bac don ndochar atá tárluighthe dhuit, tiocfaidh gach aon rud 'n-a alt féin fós: foidhneach, fuilng go calma: caith foidhne leis an gcúrsa go fóill. D'aindeóin na conntabhairte 'n-a rabhamair, a fhios gach uair linn

go rabhamair claoidhte gen namhaid, b'fholláin dúinn go raibh fear fad-aradhnach 'n-ár gceann a mhisnigh sinn a's a thug órdughadh ionnsaidhthe dhúinn nuair fuair an lom go raibh an lá linn: fear géarchúiseach; géarthuisgeanach: fear fuaimeantamhail a mheádhaidh gach ponnc a bhaineas leis an gcoimheascar go hinntileamhail. B'fhearr dhuit bheith fad-aradhnach, pé rud a bheidh caillte agat leis 'ná beart gan ruthag do dhéanamh go mbeadh a haithreachas 'n-a dhiaidh so ort: foidhne agus ciall do chaitheamh leis. B'fhad-aradhnaighe go mór an mháthair 'ná an t-athair ar bhás a n-inghine: is foidhnighe: is fearr an iarracht do thug sí ar chlaoidhe leis an mbrón.

fadharcán: *f.1.* snaidhm ar adhmad, fadhb, dul: cnapán cruaidh: sprochaid chruinn: buinne: cnadán: gart: fearb. Maide fadharcán: maide go mbíonn sprochaididhe air ar nós an droighinn. Buaileadh le cloich é san éadan a's tá fadharcán oiread do duirn air!: cnapán cruaidh. An diabhal féin ní sháthfadh an t-adhmad so, fadharcáin ó n-a thóin go dtína cheann: cnapáin chruaidhe ar a uachtar. Cuirfead fadharcáin ort mara stadair: ó bheith ag gabháil ort éireóchaidh cnapáin chruaidhe ar do chneas. Daorbhacach go maith dhom lé seachtmhain tá fadharcán piantamhail fé árd órdóige mo choise: fadhb árd, chruaidh. Gach aon fhadharcán a bhí ar a dheárnachaibh ó dhian-obair chómh mór le cnódh!: rocanna cruaidhe mar bheadh faithinidhe. Ní taithneamhach an t-adhbhar dorais é sin, níl ann ach fadharcáin ar fad agus má thuitid beidh puill 'n-a ndiaidh.

fadharcánach: *a.* fadhbach, dualach, cearbach: cnapánach, sprochaideach. Maide fadharcánach a bhí ag gabháil ar an dtruaghán asail aige d'iarraidh deabhaidh do bhaint as a ghaibheadh isteach go heasnaidheachaibh ann: géarfhadhbach: géarsprochaideach. A chrobhanna chómh fadharcánach le bata droighinn ó dhuadh-obair: an fheóil éirighthe casta 'n-a cnapánaibh cruaidhe. Oiread agus órdlach dem chorp níl gan fadharcánach ón leabaidh dhiabhalta gan tocht gan adhairt fúm: cnapáin ar gach aon phioc dhíom.

fadhb: *b.2.* (*iol.* -anna, -acha) cnapán, árdán talmhan, dual, fáibre, maol, cruaidhcheist. Sin fadhb ná féadfainn a réidhteach, mar níl aon eólas ná foghluim orm: ceist ró-chruaidh. Cuirfead-sa fadhbanna chuige sin anois, dá mhéid meas atá aige air féin, ná beidh rófhuraiste agat do mhíniughadh: ceisteanna a chuirfidh trí t'ughamachaibh thu. Buille 'e chloich a fuaireas san éadan do chuir an fhadhb ghránda san orm: an cnapán mór cruaidh. Cuir uait na fadhbanna: ceisteanna achrainn. "An ubhalla móra atá agat?" – "seadh, fadhbanna, oiread do dhuirn ionta": cnapáin thaithigeacha. Ar aon tslighe budh chuma stailc ann (capall etc.) bhí an fhadhb 'n-a mháighistir air: an t-árdán róghéar ná féadfadh an t-ualach do tharrac 'n-a coinnibh. Mara stadair cuirfead-sa fadhb ort: goirteóchad tu. B'shiúd me ar thaobh den abhainn dhoimhin, eiteallaigh gan droichead gan bád b'í an fhadhb connus dul treasna: an deacracht chiapuighthe. Léan air, sin é an drochthalamh, cad tá ann ach fadhb sciollach: maoilinn thalmhan gan puinn cré, lán de mhionchlochaibh. Fadhb fhir atá cruaidh, láidir, ábalta ar aon tsaghas oibre do dhéanamh: ailp acfuinneach go bhfuil fulang a's gníomh ann. Nách gránda an fhadhb aille í, ní shiubhalóchadh an cat féin í: faill ghéar, cruinn, aimhréidh. Cuir an plána ar an gclár san, tá sé lán d'fhadhbannaibh: de chnapánaibh. Fuaireas fadhb treasna an leathchinn a thóg os chionn talmhan me: buille trom, cruaidh.

fadhbach: *a.* cnapánach, dualach, sprochaideach, géar (talamh): rud (ceist) doiléir. Na ceisteannach atá agat dhá chur orm táid ró-fhadhbach dom, níl ionam a réidhteach duit: ródhoiléir: ródhoimhin: ró-achrannach. Talamh fadhbach gur deacair a chur ná do bhaint, ísleáin a's árdáin ann: cnapánach, aimhréidh. Adhmad fadhbach ná fuil oireamhnach in ao'chor d'obair shlachtmhair: lán de dhualaibh. Choidhche ní bhfaghaidh na gárdaidhe amach cé dhein an choir, cúrsa ró-fhadhbach dóibh seadh é, níl faisnéis ná éachtaint aca: ródhiamhair, rórúnda. Prátaidhe neamhshlachtmhara, fadhbacha: carrach: fáibridhe ag fás ortha. Níl tíreólas chómh fadhbach le céimseata: achrannach.

fadhbadh: *f.* (*-btha*) bualadh, smísteáil, gortughadh. Ó fhocal go focal ag dul i bhfaid 'si ngéire in argóint 'si dtarcuisne gur chromadar ar a chéile d'fhadhbadh a's gur bhascadar a chéile: do bhualadh a's do thuargaint. Nuair ná tógfadh sé mo chómhairle agus a shuaimhneas do cheapadh dubhart leis fadhbadh leis: leanamhaint go fuadarach den imtheacht a bhí fé. Bhíodar ag fadhbadh a chéile lé bataidhibh: ag smísteáil: trombhualadh.

fadhbaidhe: *f.4.* buailteóir, smísteálaidhe. Fadhbaidhthe maithe oibre gur ghearr an mhoill ortha ghnóth do chur as a lámhaibh: fir a théigheas i mbun a ngnótha chómh talcanta lé gaibhnibh ag gabháil d'iarann the.

fadhbaim: *b.a.* buailim, smísteálaim, léasaim. Fadhb leat!: lean de chómh dian agus is féidir leat. Fadhbadh sé leis nuair ná déanfadh sé rud ar aonne: leanadh sé dhe chómh hait a's tá aige. "Táid sin ag imtheacht ar a n-aimhleas, a's dar leó, go bhfuilid ag déanamh go diail" – "fadhbidís leó mar sin, bíodh cion a ndearmaid aca, nár stadaidh ár ndícheall iad": leanaidís den bhfuadar atá fútha. D'fhadhbas ó thalamh an charraig le hórd deich bpúnt: smísteálas í a's thuargnas.

fadhbairne: *f.4.* duine teann, láidir: cnapán teann d'aonnidh. Fadhbairne fir: "cnapán" d'fhear theann, théagartha, fuilngtheach. Buaileadh le fadhbairne cloiche é, a bhain lasracha as a mhalain: cnapán cruaidh, trom. Fág as an slighe uaim, a fhadhbairne gan eólas: cnapán dothuigseanta. Rugas ar fhadhbairne bric: breac mór, beathuighthe.

fadhbáil: *b.3.* bualadh trom, smísteáil, tuargaint, suathadh. Fuairis fadhbáil mhaith ón saoghal léd linn, níor mhór é do shuaimhneas ná do shubháilceas: cruadhtan, tuargaint, cur trí chéile. "Connus dhéanfad an obair seo?" – "is cuma dhuit, ach bheith ag fadhbáil leat, níltear rócháiréiseach 'n-a taobh": ag bualadh rómhat ar an gcuma is fearr is féidir leat. A lithéid d'fhadhbáil ní bhfuaireas riamh ag imirt chártaidhe: bualadh: me ag cailleamhaint "chómh tiugh le tiul". "Sin í an fhadhbáil" .i. sin í an stiall: sin í an obair atá ag goilleamhaint ar dhream éigin, nó atá ag dul abhaile go bríoghmhar. Ar an bhfarraige atá an fhadhbáil ag báid fé thuinn: táid ag pléascadh 'sag súngcáil long go tiugh. Fuair bhur bhfuireann fadhbáil an anama indiugh: chuir ár dtaobh-ne trí bhaide (bháire) breise oraibh: suathadh, crothadh, suaineáil. "Connus bhíonn ag éirghe leat an aimsir dhian so?" – "ag fadhbáil liom": ag tarrac liom go tréan. Treasna na bádha anoir bhí fadhbáil cheart gen mbád sa bhfarraige raimhir: í ag bualadh na dtonn go suaidhte. Thugadar an bheirt dhóirneálaidhthe fadhbáil dá chéile go rabhadar ag cur fola 'n-a sruthánaibh: bualadh agus tuargaint. Bí ag fadhbáil na gcnapán san go mbrisir iad chómh

mín lé min: ag gabháil ortha a's dhá mbrughadh. Ag fadhbáil chloch ar a chéile do bhíodar gur bhascadar a chéile: ag gabháil ar a chéile go fiadhain le clochaibh.

fadhbálaim: *b.a.* buailim, tuargnamh, brughaim, brisim. "Fadhbáil leat, a fhir mhaith, óir ná fuil aon ghéilleadh agat d'aonne bheadh ar mhaithe leat, ná stríoc pioc: buail leat ar aghaidh ar an gclódh fuadarach atá fút fé láthair. Fadhbálfar an t-anam asat sa bhaile i dtaobh bheith ag dul i bpoll ó scoil: smachtófar ó thalamh thu. Fear id pharóiste níl ná fadhbálfainn ar mo thoil: ná geóbhainn air. "Fadhbálaidís eatartha é", ars an fear ná raibh i mbun teasardhan do dhéanamh: troididís go deireadh.

fadhbálaidhe: *f.4.* duine a bhuaileas go cruaidh, tapaidh, oibridhe, luath, láidir. Ní sclábhaidhthe slachtmhara curadóireachta iad ach fadhbálaidhthe maithe, dúthrachta: dream a bhíos gan doicheall roimpe: i mbun a gcoda oibre a's ag gabháil di mar is fearr is eól dóibh, go luathlámhach. Tuiteann an obair leis i ndiaidh a chéile, fadhbálaidhe righin, toilteanach: oibridhe luighte leis an ngnás.

fadhbálta: *a.r.* buailte, brúighte, smísteálta: claoidhte. Caithfead éirghe as an imirt táim fadhbálta: buailte amach: deireadh buaidhte uaim. Seadh, tá sé fadhbálta a's ní haon náire dho é, tá triail mhaith tugtha aige uaidh: "tá a ghnóth déanta": tá sé fé chois.

fadhbán: *f.1.* cnapán, geall, meall, árdán, maolán (talmhan). Ní raibh aon easna im chorp ná raibh fadhbán air ón suathadh do fuaireas lá na peile d'imirt, beirtí i gcorplár gach brúghtaim orm: cnapán: ardán: meall. Siúd é an fear duit a chuirfeadh fadhbáin ort: a thabharfadh do bhúrdáil duit. Fadhbán de gharsún mhaith seadh é atá i ndán mórán rud do dhéanamh tímcheall an tighe: cnapóg: garsún teann, cúmtha, córach. D'imthigh sé as mo radharc nuair bhain an fadhbán díom é: nuair tháinig an t-árdán talmhan idir me agus é. "Ag itheadh na gcreachán a's ag díol na bhfadhbán" (rádh): díg do chaitheamh, rogha do dhíol. Cuir an bráca (an cliath) ar an dtreabhadóireacht a's bris na fadhbáin: na cnapáin righne cré.

fadhbánach: *a.* cnapánach, cnapógach, árdánach, maoilinneach, dualach. Adhmad fadhbánach níos cruaidhe ná dair ná sádhfadh fir Éireann: lán de chnapánaibh chruaidhe. Práta fadhbánach do chuaidh ceangailte i scórnaigh na bó: práta ná raibh cneas slinn air. Talamh fadhbánach nách rófhuraiste do threabhadh: árdáin ann. Bata fadhbánach: adharcánach ar nós an droighinn. Deirim leat ná fuil an fharraige rómhacánta indiugh tá sí fadhbánach suaidhte a dóthain: cnapógach. Sid é sás na gceisteann bhfadhbánach, dá dhaille agus dá dhoimhne iad do réidhteach: ceisteanna aimhréidhe.

fadhbtha: *a.r.* claoidhte, curtha fé chois: buadhte ar: buailte ó thalamh. Féach me ar fad gearrtha, laitighthe, goirtighthe, fadhbtha ar a dtoil aca: gabhtha orm. Sid é an cluiche déidheannach so d'fhág fadhbtha ar fad me: claoidhte, briste. Beidh na tíortha fadhbtha ge n-a chéile sara stadaid den gcogadh: traochta amach.

fadchluasach: *a.* lé cluasaibh fada. Cé chonnaic riamh cat fadchluasach?

fadchosach: *a.* go gcosaibh fada. Fadchosach a dhóthain dó, geallaim dhuit, tá a leath scoiltighthe: tá gabhal an-fhada aige.

fadchumha(dh): *f.1.* brón fada, diachrach. Fadchumha na cathrach ar marbhuigheadh de dhaoinibh innte sa chrith talmhan, na céadta mílte, ní hindiugh ná ambáireach do bheifear ghá gcaoineadh: brón trom a leanfaidh i bhfad: fulang mór cráidhte inntine. "M'fhadchumha é" (rádh) deirtear go neamhshuimeamhail lé rud ná cuireann aon mhairg orainn. M'fhadchumha é buadhachtaint ar sheanShasana .i. ní chuireann bráig ná mairg orm.

fadchumhthach: *a.* fé bhrón mhór, fé bhrón fhada. Fágfaidh bhur n-athair anois go fadchumhthach sibh: beidh sibh i bhfad a's i bhfad ag déanamh bróin de dheascaibh báis bhur n-athar. Is fadchumhthach bheidh na tíortha i ndiaidh an chogaidh seo ar a marbhófar a's ar an ndíoghbháil do dhéanfar: beidh na daoine go ceann na mbliadhan.

fadchúrsach: *a.* ag baint lé turas fada: slaimiceach: slaodach. Fadchúrsach a dhóthain d'aon duine ag coisidheacht dul agus teacht ón nDaingean lá gearra, riabhach geimhridh: mórán mór slighe ann. Riamh n'fheaca earball ar aon bhramach chómh fadchúrsach san, tá sé ag scríobhadh na talmhan 'n-a dhiaidh: scuab, slaodach. Nách fadchúrsach na turuis do thugann an taistealaidhe ceannaigh sin ó Bhéal Feirste go Corcaigh ag teangbháil ar gach baile ar an slighe: faidbhealaigh: turasóireacht mhór.

fadfhulang: *f.1.* foidhne mhór: bruic fada. "Ceann des na torthaidhibh seadh fadfhulang". Budh mhór é fadfhulang Éireannach fé chuing Shasana: pian a's tinneas a's iomard an-fhada agus bruic leis. Dá mbeadh fadfhulang fir ionat ní bhacfá thart gealtán mar eisean bheith ag badhbóireacht ort, ach é do scaoileadh thart go táir: foidhne agus broic fir meastamhail air féin. Mara mbeadh an fadfhulang agus an sochma go léir atá ann ní chaithfeadh sé uair an chluig ameasc an phaca díomhaoin ag obair 'sag gnóth dhóibh, iad san sínte le gréin: foidhne agus cumas bruic le cruadhtan. An fadfhulang marbhthach dachad bliadhain i bpríosún: an t-amhgar 'san buaidhreamh gur gabhadh tríd.

fadfhulangach: (**fadfhuilingeach**) *a.* foidhneach, do bhruic ar feadh i bhfad. Nách do do thug Dia na grásta a's bheith chómh fadfhulangach agus cur suas leis an oiread géirleanamhna agus cruadhtain ó thíoránach mar é: sárfhoidhneach: gabháil go suaimhneasach lé míochomhthrom a's leathtrom. Ní hé gach aonne a bhíos fadfhulangach fé easbhaidh agus ghorta: a ghaibheas lé dul 'n-a leith gan buaidhreamh ná gearán do dhéanamh. Cé hé a bheadh chómh fadfhulangach a's bhíonn Dia na Glóire lé n-ár ndroichghníomharthaibh: a fhoidneóchadh chómh humhal, grástamhail.

fadrighin: *a.* mall, cómhshnáthach. Tairng do dhoradha go fadrighin mar tá sé rólag is iasc róthrom air: mall, socair, réidh gan stalcghail ná preabadh. Obair fhadrighin déanamh bóthair tríd an bhfaill ghéir charraigigh sin, ná fuiltear coraidheacht a's bliadhain ag gabháil di anois?: tuirseamhail de chionn í do bheith fadálach nó liosta. Mar a chéile dhuit bheith ag brath air sin a theacht abhaile nó go ngeóbhadh thoir aniar, tá sé chómh fadrighin sin: ródheacair do chorruighe chun gluaiste. Fadrighin thu, ná leig dóibh fearg ar bith do chur ort: foidhneach, greamuightheach, gan bogadh den réim atá fút. Chómh

fadrighin le heascúin fharraige: docht ar chomhthrom do bhaint de. Do dhícheall mór ní bhainfeadh pingin airgid as, tá sé chómh fadrighin sin: an-dheacair do chorruighe.

fadshaoghal: *f.1.* saoghal nó beatha fhada: aois mhór. Fadshaoghal níl i ndán do, ní raibh sé de dhúthchas ann, níor mhair aonne a bhaineas leis le bheith aosta. "Go raibh san de fhadshaoghal agat", deirtear lé duine a ghnidheas beart ghalánta. Ag ól sláinte deirtear "fadshaoghal chughat".

fadshaoghalach: *a.* go mbíonn saoghal fada ag. Daoine níos fadshaoghalaighe 'ná an t-aos óg dob eadh na seandaoine - mhaireadh an t-aimeón díobh go hárd os cionn an deich a's trí fichid.

fadshaoghalaighe: *b.4.* aiste, stáid an fhadshaoghail. Bíonn sé ag itheadh agus ag ól go ndeineann sé craosaire dhe féin, dar leis gur fadshaoghalaighe dho é: go mairfeadh sé le bheith an-aosta. Dá mbeadh fadshaoghalaighe Mhatúsaile aige ní atharróchadh a aigne ná a mheón, b'é an fear céadna é. "Dréir a chéile mar mhéaduigh líon na ndaoine d'ísligh a bhfadshaoghalaighe go dtí gur thuit sé sa deireadh go dtí n-a seachtmhoghadh nó ochtmhoghadh bliadhain, agus annsan do stad sé, agus tá 'n-a stad ó shoin riamh ó aimsir Mhaois" (seanleabhar). Seanrádh seadh é gur b'iad lucht na measardhachta lucht na fadshaoghalaighe: is sia a mhaireas.

fadscrogallach: *a.* duine, ainmhidhe nó rud ar bith go muineál nó scrogall fada (caol). Bíonn an eala fadscrogallach. Duine fadscrogallach a dhóthain seadh é, ní furaiste é do chur 'n-a éisteacht: mórchainnteach, scórnaghal-bhrághad an domhain aige. Cuas doimhin isteach 'on bhfaill fhadscrogallach: béal fada, caol air. Bhuail sé síos an tsráid go fadscrogallach: a cheann san aer aige a's a mhuineál seartha: fadmhuineálach. Seadh í siúd! bean tóirtéiseach go bpósfadh sí fadscrogallach mar é siúd go bhfuil faid píopáin eala do mhuineál aige.

fadshrónach: *a.* go gcoinncín nó srón fhada. Déarfadh aonne go bhfuil an chú san fadshrónach a dóthain chun girrfhiaidh do threascairt: go bhfuil a pus fada, cruinn a dhóthain.

fadughadh: *f.* (*-uighthe*) do chur i bhfaid, síneadh, searadh, buanughadh. Bíonn fadughadh coiscéime coiligh ar an lá Lá Caille, agus fadughadh beiribhthe spóla Lá Nodlag beag: sin é an searadh tuigtí dos na seandaoinibh a bhíodh dulta ar an lá. Fuairtheas fadughadh aimsire ón ngiúistís go dtí a trí ar maidin chun an rinnce do bheith sa halla: aguisín: breis eaga do thabhairt dóibh. "An méid sin faduighthe ar do shaoghal": deirtear lé duine a ghnidheas gníomh carthanamhail nó gníomh a thaithneóchadh leat. Fadughadh ar an mbóthar seadh é do bheith id chuideachtain: thuirseóchadh sé lé n-a chuid cainnte thu. Ní locht ar aonne do bheith ag lorg a choda féin ach níor mhisdide é fadughadh aimsire do thabhairt uaidh ó táim chómh dealbh chun na bhfiach do dhíol, bliadhain eile féin: eaga. Is fadughadh bainistighe: má bítear cúramach cnuaisciúnach i dtaobh caithte ruda is seadh is sia sheasóchaidh sé. Fadughadh ar shaoghal aonne maireachtaint san áit ró-áluinn ró-aoibhinn seo: breis mhór: síneadh ar a laethibh beatha: cur leis mór. Róghlic dom do bhíodar, iad ag fadughadh an scéil chun go bhfuarfainn air

agus eaga anála do tharrac, an rud a oir dóibh: ghá chur i bhfaid: an aimsir do shíneadh. Tá na laetheannta ag fadughadh go maith anois: síneadh. Taidhbhsigheann do gharsún ag fadughadh fós dom, cad é an aois é?: ag dul in aoirde.

faduighim: *b.a. 7 n-a.* cuirim (téighim) i bhfaid, in aoirde, buanuighim, leanaim de. Cóir mhaith agus suaimhneas cé hé ná fadóchadh a bheatha dho: a chuirfeadh i bhfaid í. Tá an téad san róghearra, cuir deich bhfeádh eile léi, faduigh an mhéid sin í: breisigh: cuir san léi. D'fhadóchadh a chómhluadar saoghal aonne, cuideachta chómh soilbhir sin seadh é: mhairfeadh duine níos sia dá bharr. Go bhfaduighidh Dia do shaoghal dá bharr: go mbuanuighidh. Faduigh a thuilleadh sara labhrair: fás: táir ró-íseal chun do ghlóir d'árdughadh ameasc. A thighearnaidhthe! an crannlaoch fir, an bhfuil sé glan na seacht dtroighthe? nách é d'fhaduigh: a fhás go hárd. Nár fhaduighir! sin í mo bheannacht-sa agat: meath ort! mar sin go bhfanair. Níl puinn ráidhte fós agat, faduigh air: lean ded chuid cainnte. Faduigh go fóill, nách ort atá an fotharaga: beir fada, bog air: maoluigh: righnigh.

faghaid: *b.2.* gan mhaith, toradh, díomhaoin. Nách neamhchruinn an fear ar ghunna thu, gach urchar leat ag imtheacht i bhfaghaid: díomhaoin, gan aimsiughadh. Níl maith in ár nglór anois, tá sé imthighthe, gach aonnidh i bhfaghaid: thart thar fóirithint: is fuar é ár ngnóth aon iarracht do dhéanamh anois. Chuaidh an lá i bhfaghaid orm, oiread agus aon rás amháin níor bhuadhas: im choinnibh: ní raibh faic dá bharr agam: cúnsuigheas gach iarracht. Is mór mar chuiris do shaoghal i bhfaghaid ort féin nár choigil beagán airgid nuair bhís óg a's cao agat air, anois tú bocht, dealbh: gan mhaitheas, gan toradh. Dein rud orm agus téighir chuige agus gheobhair an rud atá uait, ní bheidh do thuras i bhfaghaid in ao'chor: in aistear: go fuar. Bhuail an pheil ar chuaille an bháire a's d'imthigh i bhfaghaid: nuair shroich sí an áit gur haimsigheadh air. "Muna b'é an té seo d'áirighthe go bhfuilir ag tagairt do chómh dorcha, doiléir, ní fheadar" – "do thuairm i bhfaghaid airís": gan toradh.

fagháil: *b.3.* (*-ála*, *-álta*) gnóthughadh, (do) ghnóthughadh, sroichstint: cao fachta, amus, d'aimsiughadh trí chuardach: breith ar: breithniughadh: soláthar: fionnachtain. Cá bhfuil mo chuid airgid? an bhfuil sé ar fagháil?: an féidir é do shroichstint? Is fada riamh atá an fiolar gan bheith ar fagháil annso .i. ní lonnuigheann annso. Cuirfidh an Giúdach so a tháinig 'on bhaile bróga saora ar fagháil: beidh dhá dhíol aige don ndream a bhéas ar a lorg. "T'r'om geannc aráin" – "níl le fagháil agat": ní shroichfir é: ní shealbhóchair é. Chuadar amugha in aimhréidhe na conrach agus i ndorchadas na hoidhche ná raibh fagháil ar fhilleadh ar a n-eólas aca: ní raibh ionta meabhrughadh. Is dealbh an bheart í gan fagháil ar scilling ag duine bocht a's a chruaidhe atá airgead ag teastáil: gan é ar a chumas í do shroichstint nó do shealbhughadh. Gealtán corónta ná fuil fagháil ar a inchinn aige: ná féadfadh a chiall do chruinneáilt. Is amhlaidh mar tá aige sin gur mó a chaitheamh ná a fhagháil: gur mó do scaipeann sé 'ná mar thagann isteach chuige. Ag fagháil bháis do féin: ag dul chun báis. Cuirtear ceiridhe leis an gcneadh san ar eagla "na faghála thuas": ar eagla go sroichfeadh sé ball marbhthach (an croidhe) ann. Fuairtheas an corp ach amháin an ceann, níl aon fagháil air sin: tá sé ar iarraidh. Dá mbeadh fagháil agam air, creid me leis go gcabharfainn leat: cao (rud ná fuil). Faic ní fiú thu, níl aon fhagháil ionat, táir ag lorg ó mhaidean a's tu chómh dealbh lé croidhe mo dheárnan.

“Bain amach an dealg as m’órdóig” – “níl aon fhagháil agam air, dá méid cuardach atá déanta agam”: ní aimsighim é. “Éirighidh, faighidh tuighe mar is féidir libh a fagháil, ní rachaidh a bheag d’bhur n-obair ar meath” (Ecs. V. 11): a gnóthughadh. Amach leat! ná bí ag fagháil cois i dteannta: d’iarraidh a ionaid istigh do neartughadh: amus do bheith aige ar bheith teann. Is beag fagháil as a ghoile aige: tá gontacht air. Ghá chuardach dom ó mhaidean go díomhaoin, is baoghalach go bhfuil sé ó fhagháil: caillte go deó. “D’fhóbair duit é d’fhagháil an turus úd”, deirtear lé duine a scar lé rud éigin go maith .i. ná raibh ach a rádh gur éaluigh sé. Dá mbeadh fagháil ar mo mhalairt agat is maith is eól dom-sa ná bacfá liom, ach is mé an t-aon duine a oireas duit-se: mo mhalairt do ghnóthughadh. Tá ocras air, ach níl fagháil aige air: leigheas: a mhalairt níl ar a chumas. Fuairtheas an corp i ngleann indé, bhí sé ar fagháil le coighcíos: ar iarraidh: gan aon tuairisc air a’s daoine ghá lorg. Líon mór, doimhin, fada go bhfuil fagháil an domhain ann: bailiughadh: cruinniughadh. Dá mbeadh fagháil ar mo theangain nó ar mo pheann agam chuirfinn-se in iúil don gcoitchiantacht cad tá bun os cionn leis an ndúthaigh seo: iad do bheith ar mo chumas.

fágáil: *b.3.* fágaint, imtheacht, gluaiseacht, tréigean: aistriughadh: rud do fágtar i gcóir nó i ndearmhad: ordughadh. Bí ag fágáil faid bheidh fágáil ionat: ag imtheacht an fhaid a’s taoi i ndán gluaiste. Beid ag fágáil an tseachtmhain seo chughainn: ag aistriughadh i mball éigin eile. Ná tabhair a thuilleadh ded chuid fágála dhómh-sa, ní dhéanfainn tor madra do thabhairt ort: órduighthe: aitheascaidhe. Díreach agus mé ag fágáil slán aige seadh chuimhnigheas gur cheart dom mo bhuidheachas do ghabháil leis: ag cur mo ghuidhe go mbeadh an t-ádh air in iúil do. Cé leis an fhágáil seo: an rud so atá fágtha lé n-a thoil nó dearmhadta ag duine éigin. An maoidheamh atá as an bhfágáil go léir aige: an méid mhór (mar dheadh) d’fhág sé ’n-a dhiaidh chun ár maitheasa. Budh mhór an fhágáil leathchéad míle púnt i ndiaidh a bháis: maoin a bhí bailighthe aige. B’éigean di é d’fhágáil mar nár thug sé sos ná suaimhneas di ón lá phós sí é: é do thréigean, scaramhaint leis. Fágáil cait é sin: salachar.

fágaim: *b.a. 7 n-a.* tréigim, imthighim: triallaim as (ó), scuirim, stadaim. Inneósad rún duit ach fág annsan é: ná haithris é. “Sid é an tríomhadh huair breóidhte aige lé leathbhliadhain” – “fág annsan é” .i. is baoghalach gurb é a bhás atá ann an turus so. Fág annsan aon fhear go deó ná tugann aire dá ghnóth agus dá chúram: éirigh as: tabhair suas é: ná bíodh aon mhuinghin agat as. Fág fúm-sa an obair seo, is mise is fearr chúiche, cabhfuil t’eólas-sa uirthe?: leig dómh-sa í do dhéanamh. Fág mar sin é, ach nách mór mar bhí an diabhal ghá phriocadh agus a lithéid de rud náireach do dhéanamh: bímis ’n-ár dtost ’n-a thaobh. Fágaimíd siúd mar atá sé (rádh coitcheann) .i. ná bíodh a thuilleadh tráchta air: tá dhóthain cainnte caithte leis: rud ró-íogair seadh é chun bacúna leis. Cá bhfágtar mise sa chúrsa-so?: an bhfuiltear chun aon tsuime do chur ionam-sa? “Budh chuimhin liom-sa é go maith” – “fág san, ní bheadh sé an t-aos adeirir”: lamháil sin: san féin do bheith mar deirir. Má leanann an cogadh so mar tá aige ar an bhfarraige ní bheidh “fear fág san” ge Sasana: neach in ao’chor. Níl sé an fiche slán, fág a naoi déag aige: tímcheall an méid sin ar an gcuid is mó de. Fágaim lé hudhacht (ge Dia) go bhfuil an ceart ar fad agat: dearbhuighim (duit) go bhfuil. Fágaim lé hudhacht gur bhfhearr dhúinn bheith ag dul abhaile ’ná ag stileáil annso: raghainn fé dhuit: is léir dom nách aonnidh buaidhte dhúinn etc. Fágtar orm-sa gach aon rud a théigheas ar mío-órdughadh: cuirtear a

mhilleán orm. Fágtar an gamhain fén mbuin a's beidh sé 'n-a laogh biadhta: leigtear do bheith ghá hól: ná baintear de dheól é. Fág chun dinnéir an mhairtfheoil chaointe: i gcóir dinnéir. Ná dein teasardha ar bith, fág eadrainn é: leig dúinn féin a réidhteach. Fág thart an chasóg san in áit chúláistigh éigin ós rud é ná fuil aon ghnóth agat di: cuir uait i leathtaoibh í etc. Dá mise thú d'fhágfainn istigh é: ní inneosainn d'aonne é. Ní fágfí istigh (ó dhrúcht) i gcóir na hoidhche me: ní bhfaghainn eisteas na hoidhche in aon tigh. Leis an ngealaigh d'fhág sé: a's an ghealach anáirde: an-mhoch ar fad. Go bhfágaidh Dia suas thu i gcómhnaidhe: an rath go mbí do shíor ort. Go bhfágtar againn thu: nár chaillimíd thu (deirtear so go minic le seanbhlas trom). Fágfaidh an ragairne a's an t-áirneán tinn é mara bhfágann 'n-a dhiaidh iad: cuirfidh rian air: beidh sé thíos leó muna n-éirigheann sé asta. Fág as mise: ná cuir mise ann: ná beartuigh orm. Fág! fág! as an slighe thu! fasan! Fágaimís i gcoinnibh a chéile an teach agus an míle púnt: cúitighidís féin a chéile. Fág mná agus tairng scéal éigin eile chughainn: éist ortha. "Fágaim síothcháin agaibh; bheirim mo shíothcháin féin díbh etc." (Eóin XIV. 27). "Do bheir an tslat agus an smacht gliocas uatha, agus do bheir an leanbh a fágtar taobh leis féin náire dá mháthair" (Seanráidhte XXIX. 15). "Fág san mar atá sé is Tráighlí mar a bhfuil sé" (rádh): fanadh an rud atá ar siubhal againn ciúin.

fágaint: *b.2.* 7 *3.* (*-tha*, *-e*) d'imtheacht, triall. É d'fhágaint fé féin a bhí uaidh, go mbeadh an onóir go léir ag dul do féin: leigeant do féin é do dhéanamh. Ag fágaint an tsaoghail dom, bíodh mo shúil le Dia ná fágfad fiacha orm: ag fagháil bháis dom. Mé d'fhágaint bocht, dealbh is cruaidh an cás é: mé chur sa tslighe sin. Ní fios cad tá fé, níl fonn fágtha ná fanamhna air: ní heól do cad is ceart do do dhéanamh. Lucht fágtha airgid: daoine go mbíonn sé tréis a mbáis. D'fhágaint ar a bhuille dob fhearr, mar ná foidhnigheann eadráin: gan cor ná buaidhreamh do dhéanamh air.

faghairt: (**fadhairt**) *b.3.* (*-artha*) do bhreith cruaidhe ar an gcéim cheart cruadhachta: seasamh san radharc: brigh, fuinneamh (cuirp): guilm (chun). Siúd é an fear go bhfuil faghairt chun gnótha ann, luath, tapaidh, neamhmanaoiseach: fonn agus fuinneamh. Scannróchadh sé na céadta nuair a chídhfeá chughat é agus an fhaghairt a bhí 'n-a shúilibh: an seasamh: an lasadh. Caithfir faghairt do chur ionat féin más maith leat faic do dhéanamh a's gan bheith ag tuiteam ded chodladh: clódh ceart oibre do chur ort: brigh do chur it iarracht. Bíonn faghairt air siúd ó mhaidean go hoidhche: guilm chun gnótha. Bhuail sé suas an tsráid a's faghairt ann: tapaidh, mear, éascaidh. An diabhal baoghal air ná raibh faghairt ann ar fhaid do sheasaimh sé duadh an tsaoghail ar neamhchóir agus míchomhthrom gan beann air: fuinneamh agus fulang agus buantseasamhacht. Ullamh glan anois chun gnótha, an uile rud i bhfaobhar 's i bhfaghairt agam, scaoiltear chuige: i bhfearas cheart. Déarfainn go bhfuil faghairt 'n-a chnámhaibh ar an ruibe atá air: cruadhacht agus buaine. Beir an rann san 'on cheárdchain go gcuiridh an gabha faghairt innte: cruaidh.

fágálach: *f.1.* duine, ainmhidhe nó aon rud a fágtar ar deireadh i gcomórtas nó nách fiú le duine é d'árdach chun siubhail lé n-a olcas nó lé dímheas air. Níor ghlaoidh aonne ag rinnce uirthe, bhí sí ar feadh an tráthnóna 'n-a fágálach: 'n-a peidhleacán párlúis. Tamall fada ag teacht dom leis an stoc, ceann aca 'n-a bacach, a's 'n-a fhágálach ná féadfadh coimeád cos ar chois leis an gcuid eile: go mall 'n-a ndiaidh. Seadh, táir-se it fhágálach

tréis na hIuide: níor phósais. Bailbh chughat na fágálaigh (éisc etc.) sin; dréir deallraimh ná fuil tor ag aonne ortha: rudaidhe a fágadh lé n-a neamhmhaitheasa. Á, mhuis, ná dein dearmhad orm-sa ó tá do lámh sa roinnt, ná bím im fhágálach aonair: im dhuine gan ceann do thógaint díom.

fagháltas: *f.1.* an méid a bhíos ag duine tréis iarrachta: aon rud, beag nó mór, do gnóthuightear: maoin, strus, seilbh, gabháltas: tairbhe, comhthrom: aisce, deóntas. "Cad tá agat tréis an lae?" – "fagháltas maith, deich gcéad éisc (aon rud a bheadh bailighthe nó gnóthuighthe de bharr oibre)": cuid mhaith: roinnt mhaith. "An bhfuil airgead cruinnighthe aige?" – "fagháltas!": ádhbhar: roinnt: oiread a's nách ceart do gearán. Níl ceal fagháltais ar t'iothlainn i ndeireadh bliadhna: tá oiread foráiste fós innte a's dhéanfaidh do ghnóth. Cad é an fagháltas do dhuine bheith d'iarraidh pingine breise do bhaint as gach aon earra do dhíolann sé?: cur chun cinn: tairbhe. Tréis a fhagháltais do thabhairt don mbitheamhnach ar a phósadh dhi, d'fhág sé annsan í: a raibh aice sa tsaoghal ar fad. Budh bheag lé n-a hathair mar fhagháltas trí chéad púnt spré chun é do thógaint mar chliamhain isteach: mar iarracht airgid. Tá fagháltas an choimín ag muinntir an bhaile go léir: cead saor aca fé leith chun féaránaigh air. Is beag é m'fhagháltas ar an mbaile seo: sealbhantas. Deinidh-se bhur rogha rud ar an aonach, tá a fhios agam cad tá de bharr na háite seo agam, dá luighead é, ní fheadar cad bheadh in aon áit eile agam, fanfad ar an bhfagháltas atá agam: an tsealbh: an t-ionad. Fagháltas ró-bheag é chun sé cinn de bhuaibh do chotháilt (chothughadh): gabháltas: roinnt thalmhan. Ar son Dé tabhair dom fagháltas éigin táim ag fagháil bháis den ocras: a bheag nó a mhór de bhiadh. Fear cruinn, baileach, ná geóbhaidh mórán fagháltais air: aon phioc tairbhe as.

fagháltasach: (**fagháltaiseach**) *a.* tairbheach, torthamhail, sochrach. Maran fagháltaiseach an méid aráin do thugair d'fhear ocrach, ní dhéanfadh sé leanbh: toirteamhail. Ceal ar bith ní bheidh uirthe an dá lá dhéag a's faid mhairfidh sí, tá slighe bheatha fhagháltasach ge n-a fear: go bhfuil teacht isteach mór, maith as. B'fhagháltasach an long í siúd do briseadh ar an dTiaracht, í lán de phlúr, budh mhór an fhóirthint do thug sí ar mhuinntir an iarthair: tairbheach: go raibh rud dá bharr ges na daoinibh. Nuair gheibhtear rud ná taithnigheann linn lé n-a shuaraighe, deirtear – "is fagháltasach atá sé agat", lé leamhas. B'fhagháltaisighe dhuit go mór fanamhaint sa bhaile 'ná dul ag lámhach indiugh, bheadh rud éigin déanta sa bhaile agat ach dadamh seilge níl agat ón sliabh: is mó bheifeá chun cinn: budh thairbhighe, etc. Is fagháltaisighe prátaidhe 'ná aon chur eile ag an bhfeirmeóir: is sia lé dul iad agus is mó ainmhidhthe i dteannta na ndaoine go bhfóirid ortha. Cá bhfuil an rud is fagháltaisighe ná an t-anam do shaoradh?: is fearr.

faghartha: *a. n-dh.* fuinneamhail, spirideamhail: cruaidhte lé teine: teasaidhe. Fulang ann? is ann atá sé, duine faghartha: cruaidh fuinneamhail ar nós an iarainn. Níl súd gan gníomh ar an gcuma fhaghartha atá air: bríoghmhar, buan: réidh: ar a ingnibh deiridh chun tabhartha fé aon rud. Chuireadar chuige go faghartha, dá bhfeictheá ag dul i gcath iad? budh gheall lé leómhanaibh: misneamhail, spirideamhail, talcanta. Ainmhidhe faghartha é sin, níor mhór duit aire na fola do thabhairt do: an-anamamhail: claonta lé sceit do thógaint ar bheagchúis. Aon tor níl ge n-a ghéagaibh ar obair dá dhéine, táid chómh faghartha san: chómh cruaidh, fuilngtheach: dochaithte: acfuinneach.

fagharthacht: *b.3.* fuinneamhlacht: cruadhacht, teasaidheacht; spirideamhlacht. Cá ngeóbhadh an fhagharthacht is dual do do bheith ann, a rádh ná fuilngeóchadh sé fuacht agus droichíde?: an acfuinn ná leigfeadh d'aon rud goilleamhaint air. Ar an bhfagharthacht atá ann níor mhaith liom dul ró-dhána air, ní fheadraís cathain lasfadh sé chughat: an mianach mear, teasaidhe: luathbheart. Cothuigheadh é sin go maith 'n-a bhunóic ní hiongadh dho fagharthacht do bheith ann: fuinneamh, mianach: eiteallach. Níl aon leigheas aige air bheith beagán mear uaireannta, sin é fagharthacht atá ann: mianach tapaidh.

faghastar: *f.1.* adhastar mós fada, moille, siléig. B'ait leis an mbuin is dócha ós aice ná fuil an chiall an faghastar téide do bhí ag an mbreallóig léi: téad mhór, fhada, liobarnach. Nách ort do rug an faghastar bheith amuigh chómh déidheannach so a's an chéad chodladh déanta ge daoinibh eile fén dtráth seo: an mhoille de dheascaibh siléige. Ná beireadh aon fhaghastar ort nó beir déidheannach agus is tinn duit: "ná fásadh an féar féd chosaibh": siléig: cúis mhoille.

faghastarach: *a.* mall, siléigeach, leasc, liosta, righin, fada, stroilleach. Nách faghastarach atá sí leis an gcalán uisce sin, budh dhóigh le duine ná raibh aon bhraon de ar an dtaobh so de Chorcaigh: mall, righin, neamhéascaidh. Mac níos faghastaraighe 'ná é níl ag aon mhnaoi bhoicht, chaithfeadh sé a lá 'sa shaoghal ag cainnt le bod an bhóthair (lé dreóilínidhibh, etc.): mall, siléigeach: faillightheach. Na hiallacha faghastaracha atá n-a bhrógaibh aige, iad ar sileadh 'n-a dhiaidh sa bhóthar: liobarnach: stroilleach: gan fáscadh, gan críochnughadh. In ainm Dé ná bí chómh faghastarach ag cur ort, tá an mhaidean caithte agat léd bhalcaisidhibh: chómh righin, míothapaidh. "An dtuigir anois me?" – "ní thuigim mhuis, ná ní thuigfeadh aonne do scéal faghastarach": fadálach, neamhchruinn.

faghastaracht: *b.3.* moille, siléig, liostacht, fadálacht, righne. Faghastaracht atá dhá thaidhbhreamh duit anois, a bhuachaill mhaith, ná fuil aon fhonn ar scoil ort?: fonn gan dul uirthe: moille lé súil nár ghábhadh dul ann. A lithéid d'fhear níl i gCúigeadh Mumhan lé faghastaracht: Dia ná an diabhal, saorair sinn, ní chorróchadh chun luach leathphingne do dhéanamh do féin: siléig a's leisce: righneacht chun corruighthe. Neach ní thuigfeadh do ghlór lé faghastaracht, ná fuil aon bhuannacht ar do theangain agat?: ceal soiléire a's liostacht úrlabhra. An dóigh leat go bhfuil aon imshníomh ar an liaghairne úd? faghastaracht is fearr atá ar eólas aice: caitheamh aimsire 'n-a roilleach. Ní haon bhliadhain faghastarachta d'fheirmeóiridhibh í seo, caithfear breis do chur a's do shaothrughadh toisc an chogaidh: bliadhain dhíomhaointis ná siléig ghnótha.

faghraim: *b.a.* cuirim cruaidh in iarann: cruadhaim, spriogaim, spionnaim. Fagharfaidh an deoch bhríoghmhar san do chreatlach fuar: cuirfidh teas agus anamamhlacht ionat. D'fhaghraidh an gabha béal na drithle go dtollfadh sí níos fearr: chuir sé cruaidh innte.

fágtha: (**fáctha**) *a.r. n-dh.* tréigthe, in earrasbarr. Bhíos fágtha im aonar annsan nuair d'éag fear an tighe: ní raibh neach agam. Ná hith an t-iasc fágtha san, níl aon mhaith ann: fuighleach nár hitheadh. Ghaibh na gluaisteáin go léir tharm gan sméideadh orm, a's sid é annso fágtha ar mo thóin me: tréigthe. An bhuil aon rud fágtha id dhiaidh agat?:

dearmhadta. Is fadó riamh indiugh atáid fágtha an baile: imthighthe. Tá an obair go léir fágtha fé, deineadh í nó laiteadh í: caithte anáirde air. "An tú Tomás?" – "an méid atá fágtha dhíom": an méid do mhaireann díom: is d'r'éigean gur me (Tomás).

fáibre: *f.4.* cnapán toirteamhail, "ubhall": meall: roc: eag: fústa. D'éirigh fáibre ar m'éadan, oiread do dhuirn mar ar bhuail mo cheann ar an bhfalla: meall, cnapán. Cas fáibre an dorais a's oscail isteach é: ubhall: geall. Chuir an lasc fáibridhe ar gach órdlach dá gcroiceann: fústaidhe: riastaidhe: cómharthaidhe na mbuillidhe. Buaileadh lé fáibre cloiche: cnapóg mhór, throm. Ní rófhuraiste treabhadh i gcoinnibh an fháibre sin: árdán. Go lá a bháis bhí fáibre chlaidhimh treasna a leicne: rian mar ar theangbhaidh an claidheamh do. Cómhartha na haoise fáibridhe do bheith ag teacht 'n-a éadan: riastaidhe a's ruic. Cad chuir an fáibre ar bharr a shrón: an faithine. Fáibridhe ort!: go mbuailtear thu.

fáibreach: *a.* cnapánach, cnapógach. An t-éadan fáibreach atá ar an mbuachaill tairbh sin: éadan go bhfuil riastaidhe tríd, mar bheadh córda lasca. Ní bheadh puinn ceannach ortha prátaidhe fáibreacha, neamhshlachtmhar seadh iad: athfhásanna ortha mar bheadh faithinidhe: fáschríocháin bheaga.

faic: *b.2.* dadamh, ruaine, náid, ponnc, screatal: stiall, buille. Cad fáth an gol, a leinbh, níl faic ort: dada, dadamh: gan aon mháchail. Bhuail sé chúcha isteach glan, gléigeal as a mheabhair gan faic air! ach mar shaoghaluigh a mháthair é: nochtuighthe! Cuireadh go tigh na ngealt é, ach deir na dochtúiridhe ná beidh faic air: ná fanfaidh aon rian neamhmeabhrach air. "Céad púnt atá agam ort" – "ní faic é sin": ní fiú trácht air. Ná gearán in ao'chor, níl faic ort: d'éirigh leat go maith a's bí buidheach. Faic na ngrást níl aige tréis a shaoghail, a's gheibhtear iad san in aisce!: níl oiread aige a's cheannóchadh aon rud. Ní dhéanfaidh an deoch san faic leat, caith siar í: aon díoghbháil. Ní bheidh faic na frighde air ach dochtúir a's banaltra dá fhritheáilt: "dath": aon rud in ao'chor. Is iomdha faic do fuaireas lém linn a's budh bheag mo bheann ortha: buille, stiall. Dá mbeadh faic meabhrach aige ní bheadh aon chuimileáil aige le hainscian mar é siúd: rian céille nó fuaimeanta. Tréis a shaoghail ag obair dos na hiasachtaidhthibh moch, déidheannach tá sé beó bocht, dealbh anois gan faic a bhearrtha aige: oiread airgid a's éileóchadh an bearbóir air as a chorráin do spealadh! Ná bí ag fagháil buaidhrimh do, ní bheidh faic 'e bharra (a mhaireas) air, lé cóngamh Dé na Glóire: ní bheidh mágáine air: tiocfaidh sé chuige féin. Sin obair ná taithnigheann faic liom: "oiread a's ruaine beag": in ao'chor in ao'chor. Faic a shúil ní raibh aige tréis na hoidhche: oiread agus ceann amháin de pé rud (iasc etc.) go raibh ar a thóraidheacht. Bog breágh sibh, tá "cabhair gheal" chughainn, seo chughainn faic! (leamhas): duine ná raibh aonnidh riamh aige ná aon mhaitheas ann. Ní raibh faic ar stoc indiugh: bhíodar an-shaor. Ná cuir faic leis an scéal: ná breisigh é: ná bíodh ann ach an fhírinne lom. Thar faic eile, ar do chluais, ná dearmhad an tobac, tá gabhair orm chuige: dearmhad aon rud ar domhan ach é. "An bhfuil faic agat?" – "faic!!": níl aon rud. "Ach an faic": cómharthaidhe sóirt: oiread an frighde, a dhath.

faichilleach: *a.* aireach, cúramach, torthamhail, suimeamhail. Sin é díreach é, táir ag déanamh ar sheódh an domhain, lean de bheith neamhfhaichilleach tímcheall do chuid

scríobhnóireachta!: neamhaireach: neamhshuimeamhail. Éisteadh leis, gach aonne a bhí láithreach, agus deineadh rud air go faichilleach: deineadh díreach mar dubhairt sé.

faicín: *f.4.* liobairín, géire, éadach beag, éadtrom. Cuma an-dhealbh anois ortha níl ortha ach na faicínidhe: baill éadaigh gan tathnag. Níor rómhaith an mianach éadaigh é tá sé ag imtheacht 'n-a fhaicínidhibh: 'n-a ghéiridheachaibh. Níl aon oidhre ar an éadach atá ort ach faicínidhe bunóice: éadaighe beaga, tanaidhe.

fáidh: *f.3.* (*iol.* –e) éigeas, file, suadh, duine a ghnidheas fáistine ar rudaidhibh lé teacht. "Gach file is fáidh ag trácht ar a ealadhain féin" (seanfhocal): gach n-aon ag tagairt don nidh a bhíos ag dóghadh a ghirbe féin. "Fáidh 'n-a chómhrádh, amadán 'n-a bheartaibh" (seanfhocal) .i. mhúinfeadh sé ciall don ndúthaigh a's ní leanfadh luid di é féin. "Níl fáidh ná file i ndeallramh/ scoláire ná fear leabhartha/ do thrácht lé seal gan foghluim/ ar bhur gcnuicín garbh fraoigh" (Cnuicín Fraoigh an Chonnchabharaigh) .i. duine a labharfadh go léigheanta, fáistineach. "Ní fáidh fear 'n-a dhúthaigh féin" (seanfhocal) .i. ní tugtar aon tor ar ráidhtibh comharsan nó duine aitheantamhail, is mó go mór do tugtar ar an iasachtaidhe. Ní fáidh me, ach ar a shon a's uile ní dóigh liom go mbeinn i bhfad amugha dá n-abrainn go raghfá 'on Daingean ambáireach: ní duine me go bhfuil fios roim ré agam. Fáidhe na seanreachta ní raghadh amach air sin, tá sé chómh cluthair sin: duine ar bith ní thaighdfeadh fios a rúin aigne. "Adeirid san airís leis an ndall, créad é do bharamhal don té úd ar son gur oscail sé do shúile? [agus] dubhairt seisean "is fáidh mise"" (Eón IX. 17). "Ins an dá aithne seo atá suim na dlighe agus na bhfáidheadh" (Matha XXII. 40): na daoine go bhfuil tréifideacht fachta ó neamh aca.

fáidhbhean: *b.* (*-mhná*) bean go mbíonn fios (roim ré) aice. Deirtear gurbh fháidhbhean Cáit, gur innis sí don sagart cár thárlaidh an chinneamhaint dá chapall: bhíodar ann idir fháidh is fháidhbhean: cliste, léigheanta, baineann is fireann. Ní héifid í siúd ach fáidhbhean: bean gan stuaim ach bean eólgaiseach.

faidbheartach: *a.* righin, mall, roim rud do dhéanamh: machtnamhamhail. Saor sármhaith seadh é, ach tá aon locht amháin air go bhfuil sé faidbheartach agus dá bhrigh sin mall: tógann eaga mhór ag cur na gcloch lé críochnughadh. Ná bí chómh faidbheartach, chídhfear thu mara n-oibrighir grod: dianchómhairleach: aireach: braithteach. Dá mbeitheá níos faidbheartaighe agus féachaint fút agus tharat a's gan bheith chómh neamhruthagach ní éireóchadh aon rud duit: breith fada air: níos foidhnighe agus níos braithtighe.

fáidhbhréagach: *a.* neamhfíor i bhfáistine, meangach. Chuirfeá 'n-a luighe ar na clochaibh glasa nuair thosnuigh an cogadh ná seasóchadh an Ghearmáin mí, féach anois gur fáidhbhréagach an duine thu, seasuigheann sí fós: nách aon iontaoibh muinghin do chur id thuairmidhibh. "Pósfad tu, a stór", ar seisean, leis an gcailín saonta a's gan pioc dá fhonn air, nár bh'é an lúbaire fáidhbhréagach é: mealltach, claon, gangaideach, cluanach.

faidbhreathnuightheach: *a.* go radharc fada, géarchúiseach, cruinn-thuairmeach. Gloinnidhe faidbhreathnuightheach go bhfeicfeá dubhradán faid na feighle uait leo:

glanradharcach, fadradharcach. B'fhearr dhuit go mbeitheá chómh faidbhreathnuightheach leis, is beag na botúin do dhéanfá d'fhéachaint rómhat féin agus gach nidh do mheádhadh go haireach. Ag bailiughadh múirle a's ghá chur 'on bhannc mar spré dá inghin ná fuil ach "i gcóta na cabhlach" fós, sin é an fear faidbhreathnuightheach agat: atá ag dearcadh roimis, gan aon fhaillighe leis.

faidcheannach: *a.* lé ceann fada, ceann cliste, géar. Clann fhaidcheannach dob eadh iad, má b'eadh clann aon athar a's máthar, níl duine aca ná gur gnóthuigh gairm bheatha ghlan, shlachtmhar do féin: cliste: ceann maith soghlactha léighinn ortha. Dá mbeidís faidcheannach, ní har an áit sin do chaithfidís airgead na fóirthinte, ná baineann aonne áis as, ach an ndrochbhóthar atá againn: gonta: géarchúiseach: stuamdha a ndóthain go mbreithneófí dhóibh an rud ceart do dhéanamh. Ainmhidhe faidcheannach seadh cú.

faidcheannaightheach: *a.* go n-aradha bhreágh fhada. Cailín dathamhail faidcheannaightheach: aghaidh fhada.

faide: *b.4.* faid, an eaga achair idir dhá cheann ruda, nó thosach go deireadh. Tháinig faide an bhóthair liom mar is fada gur thaithigheas deich míle do shiubhal: aistear. "An bhfuil an ceart an turus so agam?" – "is faide anois tú uaidh 'ná riamh": is sia: is mó go mór ón gceann spric thu. Raghfá níos faide ó bhaile agus d'éireóchadh leat níos measa: thaistealófá tamall níos mó.

fáidheóir: *f.3.* duine feasa: fáistineach: duine fileamhail: duine gonchainnteach, deisbhéalach. Ars an leanbh, "ní thagann ciall roimh aois", nuair dhein sé rud éigin mícheart, ars an seanóir, a bhí ag éisteacht, "a leinbh, is tu an fáidheóir": duine gur féidir leis carbhall gonta do chaitheamh díreach mar a n-oireann sé. Chuirfeadh sé an bhrigh ar sileadh ionat leis na rudaidhibh greannmhara deir sé, fáidheóir ceart: duine géar, líomhtha lé n-a theangain. Is beag fáidheóir des na seandaoinibh annso anois, a's níl faic gen ndream óg mar nách seanchaidheacht ná cianoideas atá uatha ach hallaidhe rinnce a's scléip: duine a ríomhfadh go cliste, líomhtha ar an seanaimsir a's go mbeadh a lán cruinneólais bailighthe isteach 'n-a cheann aige 'n-a taobh.

fáidheóireacht: *b.3.* fáistine: d'innsint roim ré: aithris líomhtha ar sheanchas: deismireacht úrlabhra. Chun fáidheóireachta is fearr é a's ní chun oibre: chun a chuid aimsire do chaitheamh lé seanchaidheacht a's radaireacht aighnis. Isteach 'n-a cheann atá fáidheóireacht na Mumhan bailighthe, níl treabh ná dúthchas ná a n-imtheachta leis na ciantaibh ná go bhfuil ar bharr a theangan aige: cruinnchunntaisidhe, dánta, amhráin a's búrdúin 'n-a leith. Chaitheadh "Laitimín" an oidhche ag fáidheóireacht dúinn a's sinn fé dhraoidheacht ag déanamh den saoghal go raibh a eachtra chómh hinspéise aige: a aithris cúrsaidhe a's imtheachta na sean. Ná bí ag déanamh aon fháidheóireacht dómhsa mar tá a fhios agam cad tá ar t'aigne: ná bí ag réamhaithris dom cad thárlóchaidh dom. Giofóg mhná i ndumha anairt ag fáidheóireacht do dhaoinibh ar leathchoróin: ag innsint cad bheadh lé tárlachtaint.

fáidheamhail: *a.* cliste leis an dteangain, deismireach, fileamhail: fáistineach: glic, léigheanta, deisbhéalach. Ní mór duit tu féin do sheachaint air, mar tá sé ró-

fháidheamhail, gonta dá bhfaghadh amus teangan ort: cao ar liobar di do thabhairt do dhuine: carbhall do chaitheamh a ghoillfeadh ar mhothúilt dhuine. B'fháidheamhail é Piaras ar na mnáibh, agus ar cheannaidhthibh an Daingin: nách cruinn, fírinneach, fáistineach adubhairt sé 'n-a dtaobh: "dá n-eagla féin níor bhaoghal dóibh sin/ ní chaoinid mná sidhe an sórt san": cómhgarach, fileata. File fáidheamhail: file a ríomhas go fáistineach, cliste ar chúrsaidhibh le teacht. Bean fháidheamhail nár leig an focal maith lé neach riamh: bean a fhreagróchadh duine go millteach lé cómhgarach cainnte.

fáidheamhlacht: *b.3.* eagna, fáistineacht, fileamhlacht: éascaidheacht a's líomhthacht úrlabhra. "'Prioc-sa gé a's priocfad-sa gé' sin mar tá aca san" – "níor scar an fháidheamhlacht riamh leat, is cóirighthe atá siad agat": an tslighe líomhtha, ghonta chun tú féin do chur in iúil go cómhgarach. Ní hionann fáidheamhlacht agus filidheacht .i. déarfí tá fáidheamhlacht ann ar dhéanamh rócán agus búrdún beag. Is é go bhfuil fáidheamhlacht na heaglaise ar a chumas aige: gur féidir seanmóireacht mhaith do dhéanamh. "Féach, tigim go luath; [is] beannuighthe an té a choimeádas briathra fáidheamhlachta an leabhair seo" (Tais. XXII. 7): briathra tinfeithe neimhe.

faidéiseach: *a.* mórfhoclach, leadaránach, tuirseamhail: ceal athchomaireachta. Scríobhnóireacht fhaidéiseach cailleann a fuinneamh trí iomad focal: leadaránach: neamhéascaidh. Scéal chómh faidéiseach san aige ná faghainn brigh ná ciall leis gur shaoileas ná cloisfinn a dheireadh go deo: siagaidheacht thar meón ann. Ná bí faidéiseach leó, an méid atá agat lé rádh, abair i bhfocalaibh gearra, snoighte, athchumair é: faghastarach, fadálach, neamhchruinn. Ag aithris an ruda chéadna airís agus airís eile go dtuirseóchadh sé duine bheith ag éisteacht leis, bíonn sé chómh faidéiseach san: righin, mall, neamhghonta, neamhchruinn. An locht is mó ar fhurmhór ár bhfilidhe iad bheith faidéiseach: an chiall chéadna dhá chur in iúil aca lé hiomad focal: tuirseamhail. Dá n-aithrisinn díbh céadamhadh cuid a chortha bheinn chómh faidéiseach sin im eachtra go mbodharfainn sibh: liosta: mall.

faidéiseacht: *b.3.* righineacht aithrise, leadarán: neamhéascaidheacht, míothapamhlacht. Ní fhéadfainn fanacht ag éisteacht leis le faidéiseacht thuirseóchadh sé me: an fhaid agus an mhoille do bhíonn ag aithris scéil, eachtra nó ag déanamh óráide. Is truagh gur ghaibh furmhór ár bhfilidhe lé faidéiseacht go mbíodh iomad focal aca ag cur gach smaoineamh i mbrigh: dortadh iomad cainnte. Is annamh atá sé lé tabhairt fé ndeara ameasc scríobhnóiridhe na haimsire seo, an fhaidéiseacht a bhí ag baint lé scríobhnóiridhibh na sinnsireachta: flúirse focal. Óráid bhreágh do thugais uait mara mbeadh a faidéiseacht: a righine a's a faide gan ghábhtar. Ná bíodh aon fhaidéiseacht ag baint leat ag cur t'éilimh in iúil – bain an ceann den scéal "ar an dtairnge": moille: ná bí "ag baint bhoghaisinidhe" air.

faideóg: (**faighdeóg**) *b.2.* buaiceas, coinneal gheire, "sop siúirdín", trilis. Beir faideóg dhúbalta leat chun an lóchrainn. Tá sé gan déanamh an rud fadchosach, ar nós na faighdeóige, díreach: caol, fada, marbh.

faididheacht: *b.3.* aoirde, ar aiste fhada: eaga mhór: uaigneas. Níl sé fásta 'n-a cheart fós, tugaim fé ndeara faididheacht air: aoirde. Coirce maith seadh é, tá craobh thorthamhail air

ach é bheith gan faididheacht: is ar a ghiorracht: níor bh'fheidir a rádh gur coirce fada é. Bíonn faididheacht mhór ar an lá ag druideam lé deireadh Eanáir: searadh: méid. Cuir-se isteach do lámh 'on daibhch féach an sroichfeá an partán ó tá an fhaididheacht innte agat: breis agus an ghnáthfhaid. Ó, ná bíodh aonne farram, gan faic lé léigheamh agam ná caitheamh aimsire ar bith bhíodh faididheacht orm bheith as chómhluadar na ndaoine: uaigneas, iargcúltacht na háite ag cur orm go mór. Cuir uaim faididheacht, ach má dheinir aonnidh dein tapaidh é: tréig an tsiléig. Ghaibh faididheacht an lae thríom suidhte ar thochta gan puinn slighe ionfhairte ná iondrabhála agam: an fhaid go léir do thaidhbhsigh ann toisc an ionaid a bhí agam. B'fhearr bainistighe do dhéanamh ar an mbiadh faid bheidh sé flúirseach agus é do chur i bhfaididheacht mar beidh gannchúis ann toisc an chogaidh: "baint siar as": "annlann do dhéanamh leis": breis do bhaint as lé haire do thabhairt do. Bhaineas faididheacht an domhain as an gculaith sin, thugas an-aire dhi: lé féachaint 'n-a diaidh agus í do choimeád glan scuabtha mhair sí tamall fada agam.

faidleicneach: *a.* fad-aradhanach, faidcheannaightheach. Crannlaoch, cam, faidleicneach ná tógfá ar aonach ná ar mhargadh: scruible go raibh a aghaidh thar meón lé faid.

faidrigheach: (**faidrighteach**) *a.* go ngéagaibh lánfhada. An fear is faidrighighe is é an rámhaidhe is fearr. An fiadh faidrigheach níl teóra lé n-a lúth: go gcosaibh an-fhada.

faidscéaltach: *a.* go scéaltaibh lánfhada, inspéise: leadaránach in innsint eachtra. Mhoilligh sé i rith an lae mé ar thaobh an bhóthair, é go faidscéaltach ar gach aon rud do thairng sé chuige: fadálach: faghastarach: aithriseach go mion. Níor bh'annamh me 'n-a fhochair ar shráid an Daingin, mar b'é budh fhaidscéaltaighe dá gcuala riamh ná féadfá scaramhaint lé haoibhneas a chuideachtan: scéalta a's eachtraidhthe iontsuime ar siubhal aige. Luathuigh, tá deabhadh orm, ná bí chómh faidscéaltach san: leadaránach ghod chur féin in iúil.

faidscríob: *b.2.* scríob nó stoirm bhuan: cúrsa fada, rian fola céachda 'n-a fód (i riastáil) nó i gcré. An cuimhin leat bliadhain na faidscríbe sneachtaidh úd gur cailleadh na caoire go léir fés na sléibhtibh: stroim a sheasaimh i bhfad. Is iomdha faidscríob farraige do chuir an long chéadna di siar agus aniar ó Mhearaice ar feadh a dachaid bliadhain: stroimeacha agus drochfharraigidhe a bhíodh ann gan sos ar feadh laetheanta as a chéile. Is cruaidhe ar chapaillibh gearrscríobacha ná faidscríobacha óir ná bíonn ortha casadh chómh minic: na riastaidhe fada do ghnídheann an céachda sa bhfód nó sa chré. Ar a faidscríob ón nGearmáin go dtís na hIndiathaibh Thiar do shúngcáil an bád fé thuinn mórchuid áthraighe ceannaigh: geábh nó cúrsa mór fada. Cad chuir an fhaidscríob san id leicne?: riasta nó gearra fada. Thug sé faidscríob fén sráid ar do lorg, ó n-a cheann ceann, ó thigh go tigh: cuardach fada, cruinn.

faidscríobach: *a.* buan fé dhrochaimsir, do thriall fhada. Long fhaidscríobach: a ghluais i bhfad i gcéin. An doineann fhaidscríobach so atá aca i Sasana lé breis agus coighcíos tá sí ag goilleamhaint ar an gcoitchiantacht ar fad: buanstroimeamhail.

fáig: *b.2.* bunaidh, treabh. Tugann saghas aithne dhuit, a gharsúin, ach ní fheadar, cad é an fháig gur díobh thú?: cé leis tú?: cér díobh thu?: cé uaidh go dtáinighis?: t'ainm a's do

shloinne? B'ait í a's tá a thoradh aice, fairír, fear iasachta ná feadair sí cad í an fháig gur díobh é do phósadh: cad budh bhunadh dho: connus do tháinig chun baile.

faighneóg: *b.2.* crotal, cochall, mogall. Síol maith é sin tá faighneóg mhaith air: clúdach. "Éist! ní fheaca riamh agat as do chuid cainnte ach faighneóga follamha!": mogail fhollamha: gan gníomh ná toradh ar an gcainnt go léir. Ní gábhadh dhuit "maoidheamh na bhfaighneóg bhfollamh" do bheith agat: ag cainnt go bladhgarach ar rud nách fiú tagairt do. Ó sin é é i gcómhnaidhe, ní haon leathamadáinín tusa ambriathar ag congbháil na heithne agat féin agus ag bronnadh na faighneóige ormsa: agat-sa an biadh, agam-sa an croiceann!

fail: *b.2.* goilleamhaint thaodach a thagas ar an eadarán agus ar an gcailbhe. "Cé ghoid mo ghráinne salainn uaim?" deirtear le linn faile chun preaba do bhaint as an té go mbíonn sí air lé hionchas go stadfadh sí. "Bainfear an fhail díot-sa in áit éigin dá ngeóbhair mara mothaluighir tu féin: cuirfear teann deabhaidh ort-sa mara mbíonn anam ionat.

fail: *b.2.* áit, scairt, scailpeach: leabaidh, iomaidh, bothán taobh claidhe, ródh, cómhgaracht. Tá, mhuis, fonn mór oibre ar an raga so, is fearr leis bheith sínte 'n-a fhail fhuar, dhíomhaoin: 'n-a scraiste: 'n-a shlaod. Gheóbhair é sa bhfail 'n-ar chuiris é ach cuimhneachtaint air: san áit. Cuir gach rud i bhfail go gasta sa tigh sara bhfágair an baile: in eagar cheart. I bhfail Íosa go raibh m'anam an lá déidheannach: 'n-a fhochair. Cómhnuighim i bhfail Bh'l'Áth Cliath: in aice leis. Fan im fhail anocht, bheadh uaigneas orm bheith im aonar: im fhochair. Níl ionat ach spreasán maidir le neart i bhfail an fhir sin atá chómh láidir lé capall: i gcomórtas le. I bhfail ban is fearr leis do bheith, cuideachta fhear, ní háil leis: i bhfochair nó i gcómhluadar ban. Chómhnuigheadh an t-aindeiseóir i bhfail cois claidhe mar a mbíodh fuacht agus feannaid aige: scairt nó bothán tógtha i gcoinnibh an chlaidhe. B'fhearr liom fail muice, féach, ná an saghas tighe atá agat ná fuil doras ná fuinneóg d'aon mhaith air: ródh muice. Níl tigh atá aca súd, dar ndóigh ach fail gan chrích gan áird: prochlais mar bheadh ag ainmhidhe. Faid atá aithne agam ort, agus is fada é, táir ar fánaidheacht, an dtiocfaidh fail go deo ort?: an dtiocfaidh an lá go mbeidh aon tsaghas áite lonnuighthe agat? Go bhfóiridh Dia ortha, dá bhfeictheá an fhail atá aca san chun codlata, níl sí maith a dóthain do mhuic!: an leabaidh: áit chun "sínte thórsa".

fáileóg: *b.2.* faighdeóg: buaic, buaiceas: an cadás nó susmaid eile i lóchrann nó i gcoinnil a shúidhtear san oile, san gcéir, agus a shughas tríthe an damhnadh iondóighte. Fáileóg coinnle. Ní ghá chasadh leis é, tá sé gan déanamh, déanamh na fáileóige!: caol, seang, dearóil.

faill: *b.2.* amus, aitreamh, manaois, neamhaire, fuaire, léic, seachmall, comhthrom, brabúch, cao, uain, eaga. Bitheamhnach ceart é sin, ghoidfeadh a mbeadh agat dá bhfaigheadh an fhaill ort: an t-amus: neamhaire. Bím chómh gnóthach an dtacaid seo de bhliadhain ná faghaim faill ar scríobh chughat, ní scuirim in ao'chor: cao, eaga: seal scurtha aimsire. Fuair sé an fhaill uirthe dréir deallraimh: d'éilnigh: chuir ó chrích í. Ná tabhair faill id ghnóth nó beir ar an bhfán: manaois: ná hob é: neamhchrích. Ná tabhair

faill ins na buaibh nó raghaid i bhfoghail: ná leig neamhaire ’n-a dtaobh. Fuairtheas uair (uain, tráth) na faille air chun a mharbhtha a’s é ’n-a chodladh: amus: tráth ná raibh sé ar a aire féin. Áit chómh cosanta daingean cósta na Gearmáine ná faigheann Sasana ná an Fhrainnc aghaidh na faille air chun a ionnsaidhthe: ball lag, áit gur bh’fhéidir leó gníomh do dhéanamh. B’aoibhinn leat bheith ag féachaint ar an mbeirt bhitheamhnach go tláith, muinnteardha agus iad ag faire na faille ar a chéile: cao d’fhagháil chun bheith ag goid ó chéile. Thugas faill a dhóthain do dá mbeadh aon fhonn air aonnidh do dhéanamh: eaga: aimsir go mbeadh rud éigin déanta aige dá gcuireadh roimis é. Ní bheadh uaim ach faill na feannóige d’fhagháil air chun é do sciobadh: an eaga chéadna bheadh an choróg ag sciobadh sicín nó uibh léi. Bhí an comhthrom agam air, mar bhí an fhaill agam air: bhí an t-ionad budh thairbhighe agam, an deis, toisc go bhfuaireas an chao gan chosaint air. Chaitheas tamall mór ag feitheamh faille ar an bhforaire chun bráighe do dhéanamh de: uain chaothamhail ná beadh coinne aige lé faic a mhaireas. Trí fhaill do tháinig sé isteach orm: lé linn dom gan bheith ar m’aire ’n-a chóir. Is iongtach iad daoine ’e bhreis ar a chéile, an fear san, cuir i gcás, níl cruinniughadh poilitidheachta ná go mbeidh baint éigin aige leis, ghá fhógairt féin, fear faille é: duine a bhíos ag faire ar gach aon chor chun tairbhighthe dá bharr. Fuairtheas faill na hóinsighe orm: d’fhágas mo chúram ar bóiléagar, mar dhéanfadh óinseach. Dá bhfaigheadh sé faill cheart scoile nuair bhí sé óg tiocfí tharais, ach bhíodh sé furmhór a shaoghail ar iarraidh: cao ar fhritheáilt ar scoil.

faill: *b.2.* (*iol.* faillteacha) falla cósta: carraig ghéar, árd: talamh géar, árd. Thuit sé le faill mhara: aghaidh árd thalmhan ar fhaobhar na farraige. Le faill (aill) mhara go dtéighidh sé (drochghuidhe). Ná leig lé faill an lasán (lasadh, deargadh) san go lasadh mo thoitín (píp) leis: ná caith uait: ná leig do mhúchadh. B’fhearr liom me féin do chaitheamh lé faill (mhara) ná a lithéid do dhéanamh .i. marbhadh gráineamhail seadh é. Na nidhthe budh cheart do dhuine é féin do sheachaint ortha – adharc tairbh, crúb chapaill, drannadh madra, gáire Sasanaigh, tráthnóna fóghmhair, tón bunóice a’s scéimh faille: bruach faille. Chuaidh fear lé haill ann: thuit sé síos lé haghaidh an fhalla ghéir. Chaith sé a chuid chómh hait a’s dá mbudh “le faill do chaithfeadh sé é”: in áit ná beadh aon dul aige ar é d’aiseag.

faillighe: *b.4.* moill: teip: manaois, seachmall, neamhchúram: neamhfhaire, leadarán freathála, fuaire. Faillighe is bun lé gan me do dhul ag faoisdin a’s ní dochma roimis: á chur ar athlá trí neamhshuim. Ná tabhair faillighe san arán san ar eagla go ndóghfadh sé tá reidhleán teine fé: ná faigheadh sé faill ort: ná bíodh neamhaire ’n-a thaobh ort. Brostuigh ort leis an bhféar san nó béarfaidh an cioth ort, ní tráth dá fhaillighe anois é: ní haon am é seo bheith neamhshuimeach ’n-a thaobh. Pé rud go dtugtar faillighe ann ná tugtar san anam é: féachtar chun an anama do shaoradh ar aon chunntas. Tá an áit seo ag imtheacht le faillighe: níltear ’n-a chúram. Cad é an fhaillighe atá ort, nách mithid duit bheith ag triall abhaile: an mhoill.

failligheach: (**faillightheach**) *a.* manaoiseach, mall, faghastarach, leadaránach. Capall failligheach ar bhóthar é: mall, righin. Fadó riamh indiugh do cuireadh ar theachtaireacht é go raibh géibheann léi, tá sé chómh faillightheach lé “teachtaire an fhiaich ón áirc”: mall: righin: siléigeach. Éirigheann duine failligheach leis an aois: ní bhíonn oiread suime sa tsaoghal aige a’s bhíodh ’n-a óige dho. Is eól don saoghal tú do bheith failligheach i

dtaobh do mhná, is fada gur thugais airgead ná ór buidhe dhi lé gannaidhibh do cheannach di fhéin: ná fuilir ag cóimhlíonadh dualgais céile léi. Nách faillígheach atá sibh leis an ndigh sin, ná caithfeadh siar í: mall dá hól. Cuir duine éigin muinghineach 'n-a ionad san tá sé ró-fhaillígheach a's ní fios cad dhéanfadh sé: ró-neamhaireach ar a chúram do chur chun críche.

faillígheacht: (**faillíghteacht**) *b.3.* do bheith faillíghteach, mall, leadaránach. Faillígheacht do chaill an nadhbhóg san, dá bhféachaidís rompa agus fanacht lé lon in ionad sádhadh tríd an mbealach gan a fhios é do bheith ciúin nó garbh: ceal réamhfhéachana: manaois. Gan iachall do chur ar a clainn iad féin do ghlanadh a's do ghléasadh mar budh cheart cuireadh an dlighe uirthe i dtaobh faillíghteachta go rabhadar ar aiste shalach: gan an aire a bhí ceangailte ar mháthair do thabhairt dóibh. Faillígheacht do chaill an traen orm, bheadh am le coigilt agam dá ndeininn aon sprioc di: ceal féachaint chuige i dtráth.

faillighim: *b.a. 7 n-a.* moillighim, teipeann orm: fágaim ar lár. Pé rud a fhailleóchaidh an duine seo ní hé an biadh é: pé rud a leigfidh sé tharais gan aire do thabhairt do. Ná faillígh an tAifreann: ná leig uait é lé neamhaire. D'fhaillígheadh sé a dhualgas rómhinic, rugadh air a's gan é ar a chúram, briseadh é: ní fhritheáladh a dhualgas: ní bhíodh 'n-a bhun.

failliughadh: *f.* (*-ighthe*) teipeadh, moilliughadh: manaois, leadrán. Táid ag gearán go dóíghte go bhfuil a bparóiste seachas aon áit eile dhá fhailliughadh gen lucht ceannais, ná leigtear obair amach ann a's go bhfuil mórchuid áiteann ann go n-oirfeadh dóibh bail do chur ortha: ná fuil an aire ná an fhritheáilt aige dá fhagháil atá ag dul do dréir cirt. Nách failliughadh ar do mhuinntir agat, a leinbh, gan tor do thabhairt ar a nglór: nách mímheas é: neamhurraim: seachnadh dualgais.

failp: *b.2.* buille, buille de théid, thuige, d'éadach etc. Thugas failp do le cúl mo láimhe treasna na bhfiacal: buille gonta. Níor fhan an máighistir ar aon fhailp amháin do thabhairt dom nuair chuireadh sé chuige in ao'chor: ní buille docht ná dhó do gheibhinn ach mórchuid. Failp d'earball ar mhíl mhóir dhéanfadh sé ciolaracha den mbád budh thinne: stiall: flíp. Failp de dhorn isteach sa bhéal do bhain a raibh d'fhiacalaibh ionam asam: buille dúluighthe. An fhailp phléascáin do dhein dhá lomleath de luing tríocha míle tonna do bhí fuinneamh innte: stiall: flíp: buille diachrach: smíste dóighte.

failpeadh: (**failpeáil**) *b.3.* bualadh, smísteáil: léasadh, lascadh. Budh dheacair dom iad do dhéanamh amach ó chéile bhí an oiread san failpeála ar siubhal aca, gach aonne a's a bhuille féin aige ar an té a fhéadfadh: flípeáil fútha a's thársa. Ceathrar aca chugham ar dalladh ghom fhailpeáil lé dóirnibh a's bataidhibh gur chaochadar amach me: smísteáil gan lagadh, gan trócaire. An fhailpeadh atá aca san aer agus ar an bhfarraige an aimsir seo, níl aon tsuaimhneas aca dhá thabhairt dá chéile: bualadh buan, trom, fíochmhar. Rug an gárda ar an dtuinncéir ag failpeadh an tseanasail a's chuir an dlighe: ag tabhairt droichíde dho le bualadh. Chun failpeála dob fhearr ár máighistir a's ní chun múinte: bheith ag gabháil ar na scoláiridhibh a dhúilidheacht. Ag failpeadh chnapóg chré: dhá

mbriseadh. An bád ag gabháil trí fharraige reimhir a's failpeadh aice: ag léimeadh 'sag bualadh.

failpéaracht: (**failpéireacht**) *b.3.* ag tnúth: ag maireachtaint ar dhaoinibh eile. Rud sprionnlaithe, ní fheaca riamh é ach ag failpéireacht ó thigh tábhairne go tigh tábhairne ag súil le digh: ag scraistidheacht tímcheall. Budh ghalánta go mór d'fhear óg, láidir dul ag obair nó in arm má budh ghábhadh dhuit ná bheith ag failpéaracht ó dhuine muinnteardha go duine muinnteardha: ag brath ortha lé rud lé n-itheadh d'fhagháil 'n-a measc. Um Nodlaig bíonn sí ag failpéaracht i ngach siopa go mbíonn trácht aice leis: ag súil lé bronntaisidhibh.

failpéaraidhe: *f.4.* tnúthán, fóileamán: duine go mbíonn a shúil anáirde aige lé fagháltas ó chách. 'n-a fhailpéaraidhe cois conntabharthach ag sáthadh a chinn i ngach cuideachtan ólacháin: eadaránaidhe tnúthach. Faid a's sheasóchaidh a chuid airgid do a's é boigéiseach fé, ní bheidh aon cheal failpéiridhthe air: fóileamáin: lucht leanta a earbaill go mbeadh a gcuid aca. Ní bheadh choidhche im fhailpéaraidhe ní raghad in aon áit gan cuireadh: duine gan iarraidh. Idir aoidhe a's fhailpéaraidhe bhí fáilte rómpa: daoine lé cuireadh a's gan cuireadh.

failpim: *b.a.* smísteálaim, flípleálaim, buailim, léasaim, lascálaim. Is minic d'fhailp an máighistir é i dtaobh bheith easumhal ach budh mhar a chéile é b'é an fear céadna airís é dá mhéid brughadh do gheibheadh sé: do bhuail sé go maith é. Seachain tú féin ar an gcorreach malluighthe sin nó failpfidh sí lé n-a deireadh thu: léasfaidh sí lé n-a cosaibh deireadh thu. Rug sé (an t-oifigeach) ar bhlúire théid agus d'fhailp sé an máirnéalach leis: stráiceáil: stialláil.

fáilte: *b.4.* beannughadh do dhuine a thagas i láthair: carbhall deighmhéine nó síbhialtachta: áthas. "Fáilte an diabhail go hÉirinn rómhat!" (rádh) .i. ní lugha liom an diabhal do theacht (d'fheicsint) ná thu. Bíonn fáilte an ghealgháire dos na mnáibh aige: gáire módhamhail mealltach. Fáilte a's fiche, a's céad; na mílte fáilte; na céadta (mílte) fáilte; fíorchaoin fáilte; fáilte Uí Cheallaigh: carbhaill choitcheanna iad so ar theacht do dhuine 'n-ár ndáil. Chuireas fáilte roimis: chuireas in iúil do go raibh áthas orm é do theacht im dháil. Cuireadh na tuartha fáilte roim an uachtarán: cuireadh in iúil do i mbriathar agus i ngníomh gur bh'fhonn leis na daoinibh a theacht 'n-a measc. "Fáilte rómhat dá dtagadh an baile chughainn" (rádh): dá méid a thiocfadh is mó ár n-áthas tusa do theacht 'ná iad uile. "Chuir sé céad míle fáilte roimis, a ainm 'sa shláinte" (seanscéal): chuir sé a áthas in iúil do agus thug a ainm 'sa shloinne in aonfheacht léi dho. "Fáiltidhe", deirtear lé mórán daoine ar dteacht dóibh. B'í an saghas bainise í, fé mar chonnac-sa gur mhó an fháilte ná an féasta: budh mhó a mbladar áthais linn ná a bhfuaireamair de choinnimh. Bíonn fáilte roimis an bhfírinne: cuireann sí áthas ar dhaoinibh. "Is mithid dom bheith ag imtheacht, tá eaga na fáilte caithte agam", deir duine nuair chídhtear do go mbíonn doicheall ag teacht ar mhuinntir an tighe etc. roimis. "Agus adubhairt sé leo 'n-a theagasc, coimeádaidh sibh féin ós na scríobhaidhibh lé n-a b'ionmhain siubhal i gculaithibh fada agus fáiltidhe d'fhagháil ar na margadhaibh" (Marc XII. 38). Nuair ghlaodhann an coileach a's ag cur fáilte roim an mhaidin é: ag beannughadh dhi lé háthas. Fáilte an Aingil: beannughadh an Aingil don Mhaighdin.

fáilteach: *a.* áthasach roim theacht dhaoine, sithbhialta roim dhaoine. Ná bíodh aon dochma ort triall ar an dtigh sin chun bídh, sé an áit fháilteach é: áit gur b'áthas leo do theacht agus cóir bhídh agus dighe do chur ort. Budh dheacair dóibh do bheith níos fáiltighe romham, labhradar go léir go geanamhail liom a's chuireadar tuairisc mo shláinte a's mo bheatha: grádhmhar: sithbhialta, fiafruightheach, fial. Ghlac sé a bhfuair sé go fáilteach: go háthastamhail.

fáilteachas: *f.1.* féile: foillsiughadh áthais roim theacht dhuine: an déanamh do gheibheann duine mar aoidhe. Tréis labhartha dho sa halla beidh fáilteachas 'n-a chóir sa teach ósda – proinn go mbeidh staigínidhe an bhaile mhóir go léir ann: fearfar é trí urraim do. Sé fáilteachas do fuair sé go rabhthas ag faoidhfridh 'sag feadghail faoi: sin é déanamh do fuair: an tslighe gur chuireadar in iúil a n-urraim 'sa meas air. Fáilteachas mar é ní bhfuaireas riamh roime sin ar mo shiubhaltaibh, biadh, deoch, leabadh chodlata: féile, aoidheacht, sithbhialtacht.

fáilteamhail: *a.* áthastamhail roim theacht nó theangmháil dhaoine, éascaidh fé chóir do chur ar dhuine i dtigh (áit) iasachta. Aon áit go mbuaileann liom labhrann liom go séimh, cáirdeamhail, ní fhéadfainn a rádh ná gur fear fáilteamhail é: áthastamhail, tais, i dtaobh mo bhuailte leis. Tigh fáilteamhail é sin roim mhuinnteardha a's iasachta, gheibheann gach aonne séimhe agus cóir ann: tais, caoin fé theacht dhaoine 'n-a measc. Is fáilteamhla go mór bean an tighe 'ná fear an tighe: is mó chuirfeadh in iúil duit gur fonn agus mian léi tu do theacht chúcha.

fáilteóir: *f.3.* duine go mbíonn fáilte aige dos gach aonne agus do shíor: duine neamhdhoichilleach. Ná bíodh aon dochma ar aonne dul annsúd gan cuireadh, siúd é fáilteóir na dúthaighe. 'n-a ghoire ní raghad-sa, téighid-se más mian libh, ní haon fháilteóir romham-sa é .i. is baoghalach má bheannóchadh dom.

fáiltighim: *b.a.* beannuighim do: cainntighim go miochair. Fáilteófar rómhat, ná bíodh eagla ort: is ionann san go minic agus a rádh go bhfaighir fáilteachas ná beir buidheach díot féin d'fhagháil. Fáiltighim rómhat, dar fiadh, id bheatha a's id shláinte: cuirim m'áthas ar tú d'fheicsint chómh maith in iúil duit. Ná fáilteofá roimis na daoine: ná beannófá dhom: ná déarfá focal caoin éigin ar mo theacht id dháil? Téighir go hannamh go tigh do charad a's gheóbhaidh tú fáilte, tair go minic is tair gan choinne, a's beidh an ghráin ort.

fáiltiughadh: *f.* (*-ighthe*) do bheannachadh, do chainntiughadh go tais. Tréis an fháiltighthe go léir sé bhfaighfeá uaidh – náid! dá thláithe bheadh leat ar bhualadh uime níl aige ach cainnt. Nách gránda an béas atá aige ag fáiltiughadh roimis an gcat a's an madra: ag crothadh lámh, ag fiafruighe 'sag cainntiughadh daoine go róphlámásach.

fáiméar: *f.1.* cleithrógaire, duine mór, taithigeach, neamhmaitheasach: falpaire, magaidhe duine. Maran tu an fáiméar díomhaoin agam ná déanfaidh faic ach ag órdughadh ar lucht a dhéanta dhuit: duine a bhíos ag dul i leith a ghliocais dar leis. Fáiméar é sin, a chlisfeadh ort an uair is mó bheadh ag leigeant air go ndéanfadh sé do

mhaith: lúbaire ná féadfá seasamh air. Chuala cad dhein sé leat go maith, an fáiméar sin é mar gheóbhfá é: fear fartha faille. É 'n-a fháiméar anois a's gan fonn gnótha ná oibre air: fásta 'n-a lúbaire fhada, láidir, ceanamhail, aireach air féin. An duadh go léir a bhí ar an ngarsúinín d'iarraidh fáiméar eascún do tharrac isteach: lúbaire fiadhain láidir. Fáiméaraidhthe fear mar sibh budh cheart dhíbh deargnáire do bheith oraibh ag marbhughadh éanlaithe dearóile seaca: fachairnidhe neamhthrócaireacha gur cuma leo gortughadh do dhéanamh. Geallaim dhuit nách gábhadh leath an deabhaidh, go bhfuil fáiméar de lá fhada, dhíreach rómhat amach, dóthain aon fhir do thraochadh: aimsir mhór, fhada.

faingín: *b.4.* liaghairne árd cailín, fuairthéidh fada, lúbach. A inghean ó, éirigh as mhnáibh óga an tsaoghail seo maidir lé gnóth nó cúram, mar ná fuil faic ag baint a meabhrach díobh ach rinncidhe a's scléip, faingínidhe gan imshníomh ná muirearaighe.

fáinleóg: *b.2.* éan oilithrigh, clúmh tiugh, dlúth, faid-sciathán, luas gluaiseachta, earball gabhlógach agus is sia fhanann ar eiteall ná aon éan eile. "Ní dúlmhara an fháinleóg i ndiaidh an tsamhraidh 'ná eisean i ndiaidh an chailín" (rádh). Ní héascaidhe ghluaiseann an fháinleóg san aer ná bád ar an bhfarraige. Is gearr an mhoill do choimeádfaidh súd ort, tiocfaidh ort lé luas na fáinleóige: go héascaidh mear gan leadarán ná faillighe.

fáinne: *f.4.* coirceal, boghaisín, bogha, iodh, cúrsa nó líne chruinn, cuach. "Fáinne óir ort!" carbhall molta le linn déanta deighghnímh. "Sin iad andeas na soillse ag teacht lé fáinne geal an lae" (amhrán): lóchtaint, breaca(rnach): fuinneóga: amhascarnach an chamhaoir. Ní heól dom cad is fearra dhom do dhéanamh, táim i bhfáinne agus is deacair teacht as: i ndraip: i gcruadhtan: cuibhrighthe: ceangailte. Bheir, a mhic ó, an lá do chuirfir an fáinne dlúth uirthe: fáinne an phósta. Cómhartha ceart í bheith geallta lé pósadh an fáinne cumainn do bheith uirthe: fáinne geallta. Fáinne mór ar an ré, an bhail thoir theas air, as san do gheobhair an ghaoth: líne ar nós stríoca cruinn. Ó n-a ghuailnibh go cromáin tá sé ar nós an fháinne: cruinn, tímcheall mór aige lé beathuightheacht. Fáinnidhe a fuilt ag gluaiseacht thar a guailnibh: cuacha: casdlaoithe etc. Síos suas léibheann na luinge an fomhórach, a chromscian 'n-a dhóid aige, fáinnidhe a chluas ar rinnce leis an bhfeirg a bhí air: cluasfháile: ornáididhe cruinne trí phollaibh i liopa na gcluas. Bain fáinne air sin: tairng amach líne nó stríoca cruinn 'n-a thímcheall.

fainne: *b.4.* laige, lagughadh, lagbhrigh, inirte, fanntais. Ocras a's fainne ort a's cá hiongadh gan biadh na talmhan do bhlas lé seachtmhain: laige. Rud éigin d'ith sé a ghoill air gur thuit sé as a sheasamh le fainne: taom obann, laigidheachta. Stoc an pharóiste "ag dul thar n-a chéile" lé fainne gur mhill an sioc idir phráta a's theornap ortha, nár fágadh faic lé n-itheadh aca: ceal nirt: neamhbhrigh trí cheal a gcoda. Gan fainne gan traochadh bíonn sé ag dubhobair ó cheann ceann na bliadhna, is mór an fhaghairt atá 'n-a chroidhe: gan luigheadughadh do dhul ar an imtheacht dícheallach san.

fáinneach: *a.* go bhfáinnidhibh, cuachaibh: go sármhaith, líomhtha, néamhair lé féachaint ar. An múnla nadhbhóige do dhein sí bhí sí chómh fáinneach a's d'iarrfadh do shúil, gach máille dhi go slachtmhar, críochnuighthe: déanta thar barr go taithneamhach le n-amharc. Bróga fáinneacha seadh iad, an tsál chórach a's an bárr cúmtha: sárdhéanta.

Riamh níor chuala ceóltóir ná go bhfuil méar chómh fáinneach aige leis, is binn an fhuaim do mhúsclann sé as na sreangaibh: cliste, eólgaiseach: ceóltóir "rianta". "Go brainnseach ómair go cíorach, péarlach/ go módhmhar léanmhar i laoithibh domhain (doimhin)/ go fonnsach, fáinneach go táclach éadaigh/ agus áilne chraobha léi ag tidheacht go trom" (An Cailín Donn – Eoghan Ruadh): go flúirseach fé chuachaibh. Budh fháinneach an lasca a chuir an pheil an báire sin: sárchliste.

fainnéirghe: *f.* (*-irighthe*) éirghe fann, lag: téarnamh: athshláinte, úirshláine. Síneadh lé buille é agus ar fainnéirghe dho ar a ghlúinibh do buaileadh airís é i bhfeall a's treascaradh: é ag cur chun éirighthe. Ó, tá "luach bó d'fheabhas" air, tá sé ar fainnéirghe 'sag casadh lé bheith ag gabháil amach: ag fagháil na hathshláinte: ag téarnamh: "casadh" maith ar an sláinte.

fáinnín: *b.4.* fáinne nó coirceal beag. Cuir fáinnín córda ar do mhéir a chuirfeas i gcuimhne dhuit go bhfuil rud éigin dá dhearmhad agat (seanbhéas é): cúrsa de chórda 'n-a tímcheall. Fáinnín an lae i Mullach an Chlasaigh thoir nuair d'éirigheas: breacarnach bheag.

fáinniughadh: *f.* (*-ighthe*) gealadh an lae: teacht an chéad tsolais roim éirghe gréine: ag scaipeadh dho fé íoghar na spéire san oirthear. Beidh an lá ag fáinniughadh go maith orm ambáireach lé cóngamh an Tighearna, sara n-éireóchad-sa, tá an oiread san tuirse orm: an mhaidean go hárd.

fáinnighim: *b. n-a.* Fáinnigheann an lá go maith air sara bhfágann sé an luing (long) shuain: éirigheann an ghrian go hárd sara bhfágann an leabaidh.

fairbre: *f.1.* rian, eaga, cómhartha, eag gearrtha isteach i maide: claisín: riasta in adhairc a dheimhnigheas aos an ainmhidhe: fústa. Cé deir go bhfuil sé aosta a dhóthain chun pósta fairbridhe ag teacht 'n-a chneas: riastaidhe agus ruic. Bhítheas ghá bhualadh a's ghá bhúrdáil gur cuireadh fairbridhe tríd amach: léasa, fearba: riabha: rianta a éirigheas ó shuathadh na feóla. D'aithin súd go maith cad é aos na bó ar fhairbridhibh a hadharc: na riastaidhe i gciumhais na "leabhar". Fairbridhe fé n-a shúilibh ó áirneán a's ragairne a's ceal codlata: riastaidhe mar bheadh leathbhoghaisínidhe. Tá an iomad fairbridhe ar an mbata im choinnibh aon cháirde do lorg: breis na bhfiach cheana: riastaidhe, eaga i gcoinnibh gach turus a fuaireas cáirde.

fairbreach: *a.* rocach, riastach, eagach, rianta, fústach. Is ceanndáine, daibhceach (daghaiceach) an tarbh é sin, féach an plaosc fairbreach atá air, raghadh do mhéireannta a bhfaid isteach eatartha: rocach: fústaidhe reamhara ann. Ní fhéadfadh sí gan bheith aosta ar an éadan fairbreach atá uirthe: rocach. Fágfad cneas chómh fairbreach ort mara bhfanair socair ná haithneóchadh do mháthair féin thu: buailfead thu ionnas go mbeidh fústaidhe reamhra ort. Aithnighim ar adharcaibh fairbreacha na bó san cad is aos di: go bhfuil riastaidhe éirighthe ionta. Nách luath sa tsaoghal atá an croiceann fairbreach ag teacht ort: neamhmín, garbh, fústach.

fairche: *b.4.* dóiseas, cuid mhór. Connus bheadh féar ar an dtalamh agus fairche caorach atá air ghá itheadh síos go cré: ealtaidhe caorach.

fairceallach: *f.1.* duine teann talmhaidhe go mórmhór duine óg nó ainmhidhe ar an gclódh gcéadna. Geallaim duit nách fada ó chabhair anois iad – má ritheann leó táid 'n-a bhfairceallaigh meara, fuinneamhla, déanamh an fhir ar gach aonne aca: buachaillidhe córacha go bhfuil cuma na beatha a's na sláinte ortha. Nách é an fairceallach leinbh é, nách mithid dó bheith ag dul ar scoil?: cnapán gur mó a's gur tinne é 'ná mar is gnáth dá aois. Saor a ndóthain do bhíodar, chonnac fairceallaigh bhanbh dhá dhíol ar phúnt: banbhaidhe gur b'adhbhair mhaithe muc iad. Ní aontóchainn leat gur tarbh folaidheachta é, cá bhfuil an cliathán 'san aoirde?: níl ann ach fairceallach: tarbh teann, gearra, leathan.

fairceallach: *a.* fuinnte, talmhaidhe. Cailín fairceallach go bhfuil gach aon ghéag léi chómh láidir lé slapar crainn, cailín atá ábalta ar ghnóth a's ar obair do dhéanamh: atá córach, déanta, taithigeach. Fir fhairceallacha gach duine den gclainn gcéadna gur dheacair an talamh do thabhairt d'aonne aca, iad chómh teann, íseal, talmhaidhe sin: cruaidh, fuinnte, dochorruighthe ar a mbonn. Ceannuigh an bramach fairceallach san – mara mbeidh mór féin tá de chuma air go mbeidh láidir, féach na cnámha córacha atá fé: cúmtha dréir a chéile.

fairscin: *b.4.* féachaint, feicsint, deallramh, faire, d'fhaire, infhiúchadh. Ar chualais go mbeadh lucht fairscine fean chósta na hÉireann i rith an chogaidh d'eagla aon namhad do theacht fé thóin orainn ?: lucht fartha. Tháinig dochtúir ó Bhórd na Sláinte ag féachaint ar ár seanroilig, chaith sé an lá dá fairscin agus cháin sé í tréis a tabhartha fé ndeara ar a thoil: ghá hinfhiúchadh d'fhéachaint an raibh sí oireamhnach lé n-a thuilleadh d'adhlacadh innte. Ón lá do báthadh a fear chaitheadh sí furmhór a saoghail ag fairscin na mara, dar léi gur cheart di amharc éigin d'fhagháil air: ag amharc: ag faire go cruinn. Aimsir ghnóthach í seo ag luingeas na dtíortha cogaidh ag fairscin a chéile: ag faire d'fhéachaint an bhfeicfidís a chéile. Nár leigidh Dia go bhfeicinn lém shúilibh beatha an fhairscin chéadna airís – ní raibh súil ná béal ann: radharc. Ní heól dom cad é an tuairm budh cheart dom do thabhairt air, ach go bhfuil fairscin mhaith aige agus go mb'fhéidir go ndéanfadh go maith: deallramh, clódh. Ghoidfeadh go tapaidh mara mbeadh go bhfuil fairscin ródhian air: fairghis dhlúth.

faire: *b.4.* gníomhartha nó feádhanna do thabhairt fé ndeara: aire do dhéanamh, nó cosaint: coimeád ar eagla díoghbhála: tabhairt fé ndeara go haireach chun ruda do chosaint nó do bhreithniughadh: bheith ag súil lé: braithteól: ar tí tárlachtainte: ar tí. Bí-se ag faire orm-sa ag obair .i. ná dein féin screatal oibre! Bíodh faire agat ar an ndoras san tá súil agam lé duine do theacht ar mo thuairisc: ná tabhair faillighe ann go dtiocfadh an fear i nganfhios duit: coimeád t'aigne a's do shúil air. An bhfuil faire ar bith agat ar do leanbhaidhibh, nách eól duit iad do bheith ag éirghe suas 'n-a gcladhairidhibh beaga?: an bhfuil t'aire ar an slighe atá fútha. Bí ar t'fhaire ar an sráid toisc an dubhsholais: ná himthightheadh sé as do cheann ná go mb'fhéidir go bhfuil conntabhairt ar gach céim. Is fada Sasana agus an Ghearmáin ag faire ar a chéile, b'fhuraiste a aithint go n-éireóchaidís chun a chéile: ag feitheamh lé huain chomhthrom ionnsaidhthe d'fhagháil. Ná cuireadh sé iongadh ar neach iad do phósadh, is fada ag faire ar a chéile iad: é n-a n-inntin araon go

mbeidís ge n-a chéile, má b'fhéidir. Leanbh é sin atá imthighthe chun anatais, mar is fada imthighthe ó fhaire é: gan neach i mbun a chur ar a shúilibh nó a smachtughadh. Tá sé le faire anois agat nuair budh chóir dhuit aire do thabhairt do is amhlaidh do thugais faillighe ann: do dhóthain mór cúraim é do chongbháil ó dhíoghbháil, ó chonntabhairt nó féd smacht. "Is maith an fhaire an fhógairt" (seanfhocal): rabhadh nó fógra roim ré tugann cao aire do dhuine. "Bíonn an duine urchóideach ag faire ar an bhfíréan" (Sailm XXXVII. 32). "Tá m'anam ag feitheamh ar an dTighearna níos mó 'ná do ghníd lucht faire ar an maidin" (Sailm CXXX. 6): lucht faire na maidne. Fuaireas amus éalaighthe nuair ná raibh neach ag faire geata an charcair (príosún): ghá ghárdáil. Riamh ní fheacas é ar bhainis, i dteach faire (fartha) ná i sochraid: ar thórramh. Bhí focal na fartha eadrainn sáthadh chuige a thúisce a's chuirfeadh sé cor de láimh nó de chois: a chorruighe an chómhartha chun gnímh do bhí réidhtighthe eadrainn. "Gidheadh dein-se faire san uile nidhthibh, fuilng anródh etc." (2. Tiomot. IV. V). "Ar fhan i bhfad in bhur measc?" – "faid na fartha": seal gearra. "Buaidhfidh Sasana ar an nGearmáin" – "buaidhfidh! bí ag faire air" .i. níl aon dul ar a lithéid do thárlachtaint. Ó n-a suidhe fartha sa chúinne "ní géire súil bric i linn 'ná súil gabha i gceardcháin ná a súil": áit toghtha aice chun ná himtheóchadh aon rud i ngan fhios di. Bhíos ag faire ar dhul go Corcaigh: ag cuimhneamh air. Shaoileas agus sinn ag fágaint go raibh sé ag faire ar shneachtadh: ar tí sneachtaidh do chur. Cá hiongadh é do bheith sláinteamhail, is fada go ndeárna sé faire na hoidhche: go raibh suas lé cúram ar bith: gur chaill codladh na hoidhche. Beag maith dhuit bheith ag faire ar bhiadh do theacht ó Neamh chughat: bheith ag súil leis. B'fhada ag faire air iad, oidhche ar oidhche chun a mharbhtha: i bhfolach ag feitheamh. Bíodh faire amuigh ar bhád fé thuinn, tá an fharraige tuillte leo: deinidh aireachas gan faillighe. Cad dob áil leat as faire annsan? .i. ag fanamhaint san áit chéadna i bhfad mar bheadh duine go mbeadh súil aige lé rud. Budh dheacair don mbitheamhnach na cosa do bhreith leis, mar bhí sé fé fhaire dhlúth gen lucht ceannais: breithniughadh cruinn dhá dhéanamh ar a imtheachtaibh. Bíodh faire an tighe ort-sa indiugh: aireachas ná himtheóchaidh aonnidh air ná as. Nách cruinn atá súil na fartha 'n-a cheann: súil aibidh, mhear ná himthightheann faic i ngan fhios di. Cuireadh faire air le droichiontaoibh as go n-éalóchadh sé: gárda. Sin tigh atá ag faire ar thuiteam féach na hiogáin atá ar na fallaidhibh: ar tí (iogáin; builg). Ní díomhaoine do ghnóth "ná faire na taoide ar an dtráigh!": d'iarraidh í do chosc ar theacht isteach. Nár chualais riamh, "an seanduine 'n-a chodladh a's an tseanbhean ar a faire féin": gnás an tseanduine srúmátáil, gnás na seanmhná nách féidir léi a's go dtugann fé ndeara rudaidhe ná tugann seisean.

faire: *uaillbhreas* mo náire! fairír! mo thruagh ! mo léan! Faire go deó go mbuailfeadh mac a mháthair: náire chroidhearg agus truagh. Faire ná rabhais ann ní bhuailfeadh aonne barra méire orm: is truagh é (agus budh cheart duit). Faire! tá an scáthán briste agam: mo léan agus is náire dhom bheith chómh manaoiseach. Faire! sibh (fúibh, chughaibh) bheith ag gabháil d'fhear aonair: náire chughaibh agus gráin oraibh. Sin feall, faire! faire! .i. mo náire an gníomh san. Faire! mo náire agus m'aithis é, leanbhaidhe do leigeant chun báis lé hocras in aon tír críosdaidhe: cúis gráine orainn é.

faireach: (**fairitheach**) *a.* aireach, coimeádach, feithmeach, braitheach. Éan fairitheach uirthe féin seadh an ghé fhiadhain is deacair teacht i ngiorracht di chun a lámhachta: braitheach: síorchoimeádach uirthe féin: neamhfhaillightheach. Ar an saoghal mór ní

dhéanfadh sé aon rud le míothapaigean, tá sé ró-fhairitheach air féin: aireach ar eagla iarsma a bhearta. Níor bh'fhuraiste fairtheóir dob fhairithighe d'fhagháil lé cur ar an ngeata - duine ná daon a gheóbhadh isteach nó amach do scrúdóchadh é go beacht: is mó go raibh fonn air gan aon rud d'imtheacht i ngan fhios. Droichchéim í sin mar a bhfuilir ag gabháil bí fairitheach nó tógfí leat: neamhmanaoiseach cá gcuirfeá do chos. Bí fairitheach ní measa dho dhuine bheith ródhian 'ná róbhog: glic ar cad do dhéanamh is mó a raghadh chun do bhaile. An té ná bíonn fairitheach ar a shláinte bíonn a dheasca aige: ná bíonn a aigne ar aire do thabhairt di – í do chosaint ar easláinte.

faireachán: *f.1.* síorchoimeád aire, dlúthaire. Ní fhágfadh an cailín aimsire sin gabhlán ná spionóg airgid sa tigh gan árdach léi mara mbeadh an faireachán a deintear uirthe: an fhéachaint dhian do bhíonn 'n-a diaidh. Thuit sé dá chodladh lé faid an fhaireacháin do dhein sé ar an nduine breóidhte: an aire dhúiste. Fear éadmhar, an faireachán a bhíos aige ar a mhnaoi, ní gábhadh dho san, ní árdóchaidh aonne uaidh í lé na háilne: an coimeád aireach, dlúth ar eagla go bpáirtigheadh lé neach. Clipighthe im bheathaidh atáim ó fhaireachán na bó bradaighe seo: mo shúil a's m'aire do shíor uirthe. Cuir uait t'fhaireachán orm-sa, ní me an té go bhfuil amhras agat orm: an breithniughadh cruinn, dlúth.

faireachán: *f.1.* foraire, fear fartha. Níl baoghal ná gur fiú tu do chur i mbun cosanta mar is tu an faireachán – faireachán an chodlata: duine go bhfágtar ar a chúram aonnidh gan dochar nó díoghbháil do leigeant air ná faillighe do dhéanamh 'n-a dhualgas. "Agus d'fhógair an faireachán agus d'inns don rí etc." (2. Saimiúil XVIII. 25): an fear gurbh é a chúram gan aon rud bunoscionn do leigeant tharais gan a chos nó a fhógairt don lucht ceart ceannais. Sa tseanshaoghal bhíodh faireacháin i mbailtibh móra d'oidhche gur bh'é a ndualgas aire do thabhairt do chuid na ndaoine.

faireachas: *f.1.* fairghis: faire i nganfhios mar bheadh ag bleachtaire. Sin bláthanna nár mhór dóibh faireachas an domhain d'fhagháil chun a dteachta chun cinn – áit oireamhnach, leasughadh, uisce etc.: faire connus mar bheadh ag éirghe leó agus freastal dá réir. An dteastuigheann uait labhairt liom? nó an bhfuil gnóth ar bith agat díom, mar tugaim fé ndeara faireachas éigin neamhghnáth agat orm: féachaint a's breithniughadh ganfhiosaidheachta. B'fholláin do an faireachas do dhein an dochtúir agus an bhanaltra air, bheadh a bhás ann mara mbeadh é: freasdal aireach ar a cheasnaidhe. Is rí-dheacair dóibh puinn do dhéanamh as an slighe agus an faireachas dlúth atá ag an lucht ceannais ortha: áird is aire ar a n-imtheachtaibh.

faireóir: (**fairitheóir**) *f.3.* duine a bhíos ag faire, ag tabhairt aire, ag seachaint ná tiocfadh na namhaid, spiaire. Rug faireóir ar dhá throllaire ó Shasana ag trollaireacht ar an dtaobh istigh de theórainn na dtrí míle. Le linn cogaidh go mórmhór bíonn go haon tír lán d'fhairitheóiridhibh coigcríocha ag soláthar cunntais: spiairidhe: daoine ag faire amach ar chunntas ar imtheachtaibh do shaothrughadh go raibh inntin lé n-a rún. Ná bíodh sé den diabhal ort gan gach aon rud do thabhairt fé ndeara go cruinn agus go beacht bíodh súil an fhairitheóra id cheann: súil ghéar, scrúduightheach.

fairghis: *b.2.* faire ganfhiosaidheacha: breithniughadh cruinn, géar ós íseal. Bhíodh síbínidhe go flúirseach sa cheanntar tráth, a's go minic budh dheacair dóibh puinn tráchta do dhéanamh mar bhíodh na póilínidhe ag fairghis ortha: ag faire fé thóin agus spiairidhe aca. Ar bhfeicsint dhuine ag gabháil tímcheall go hamhrastamhail in áit nó ar ócáid ná beadh a cúram déarfí – "cad é an fhairghis atá air?" .i. cad n-a thaobh do bheith annsan agus cad é an breithniughadh nó gliúcghal atá air. Cruaidh a dhóthain do bhíonn sé air smeathán do chaitheamh ameasc cuideachtan bíonn a bhean ag síorfhairghis air: ghá leanamhaint a's ghá chosc ar aon rud do bhlaiseadh. Ar fairghis do chaitheann sé a shaoghal: ag faire rud a's imtheachtaidhe nách pioc dá chúram agus ag scéidheachtaint leis. Bí ag fairghis an bháille (uisce) dhom faid bhím ag bradaidheacht ar an abhainn: ag faire i slighe ná tógfar ceann díot. Ná bí ag fairghis ar mhnaoi aonne: ag cur tuaithe innte lé hinntin urchóidigh. Fairghis an chait ar an iasc ort: an taiscéaladh aireach do ghní an cat: braithteól. Ní ag obair do bhíonn an fuairthéidh ach ag fairghis ar fuaid an pharóiste!: ag dearcadh 'n-a thímcheall ag amharc na ndaoine a bhíos ag obair. Níl an tsláinte ar fheabhas na cruinne agam a's bíonn orm bheith ag fairghis orm féin: an-aireach.

fairim: *b.a.* tugaim fé ndeara: coimeádaim mo shúil ar: tugaim aire do...ar. Fair tu féin in áit iasachta ní heól cá mbíonn cuan mharbhtha dhuine: ar gach céim dá dtugair seachain tu féin. Fair mise! bíodh do shúil ar an gcuma do deinim-se gníomh. "Fairidh é!" deirtear i dtaobh dhuine gur bh'fhonn leat na daoine ghá thabhairt fé ndeara chun magaidh. Fairidh (fairtear) an fear!: tugtar fé ndeara é sin go bhfuil an lán a's an t-éirghe anáirde fé. Fair do chúram féin, ná bac mise: tabhair dot aire é. Fair an doras san ar an namhaid: bí 'n-a chúram agus cosain é. Fair amach: téighir go dtín doras d'fhéachaint an bhfuil aonne ag teacht nó bíodh do shúile agus t'aigne ar an rud atá ar siubhal. Faireann sé é féin go maith ar an ólachán: seachnann. "Fair amach!" – "fairfead agus isteach" (leamhas) .i. ní bhíonn fonn fartha ar bith orm. Fair an gárda dom: ná leig do teacht i ngan fhios orm. Faireadh gach aonne dho féin sa tsaoghal so, a mhic ó: tugadh gach neach aire dho féin gan bheith ag brath ar chóngamh chách.

fairíor: (**fairír**) *uaillbhreas* mo léan, mo chreach, mo léan géar, monuar, och, etc. Fairíor géar! mar casadh riamh im threó thu: is mise an truagh Mhuire gur thárlaidh san. Daoine agus airgead aca a's mise gan screatal, fairíor!: nách é sin an truagh dhealbh. Fairíor chráidhte! ná rabhas láithreach, is fada go raghadh luighe na mbuillidhe ort: nách é an truagh go deó é. "An lá is fearr dá rabhais b'fhearr d'fhear me 'ná thu" – "fairíor chráidhte!" .i. tá cainnt san aer agat: b'fhada buidhe uaidh thu, a mhic mo chroidhe. Go ngeobhadh anoir aniar is mar a chéile dhom bheith ag tabhairt chéille dhuit, baistim fairíor ort!: éirighim asat: is fuar é mo ghnóth. Deirir liom ná cuirfeadh úird mhuilinn an iarainn iachall air aon rud d'fhoghluim, bheirim fairíor air mar gharsún: tugtar suas é: cá maith é?

fairis: (**farais**) *r.fh. f-a.* leis, seachas. Cé bhí fairis?: cé bhí 'n-a fhochair. Ar a dtáinig riamh ní feicfí fairis me: 'n-a chuideachtain. Bhrughadar agus dhubhadar me agus fairis sin do shladadar mo chuid airgid, fairír dóighte!: 'n-a theannta san. Tá sé ráidhte gur droichmhianach é, ach fairis sin a's uile fear fial, flaitheamhail é: d'aindeóin sin.

fairrige: (**farraige**) *b.4.* an bhóchna, an mhuir: bolg sáile: ólaidhe. Níl aon teóra leis ach an fharraige: duine gur deacair an lámh uachtair d'fhagháil air lé feabhas nó holcas. "Connus tá an lá indiugh?" - "tá fairrige ann": garbh ar muir. Scannruigheas nuair chonnac an bád ag déanamh fairrige fúithe a's tháirse a's gan faic ag againn do thaoscadh í: sáile ag teacht innte go flúirseach, eaglach. Fadó cuirtí daoine thar fairrige ar chaora do ghoid fiú amháin: díbrightí iad go háit éigin duaidhnéise i leith cora. Indiugh tá an fhairrige 'n-a báinté: chómh ciúin a's b'fhéidir í do bheith. Connus báthadh an bád a's an fhairrige 'n-a linn abhann: ciúin ar fad. Riamh im shúilibh cinn ní fheaca an fharraige chómh socair, ciúin, bhí an plána uirthe: chómh sleamhain, mín lé clár tréis an phlána. Léinseacha sa bhfairrige comhartha báistighe: "bóithre" cumhanga, fada, cama, geala agus fíorbheagán gaoithe ar an gcuid eile dhi. Leamhach ar an bhfarraige: a huachtar mar bheadh íle air, cómhartha go mbíonn iasc ann. "Connus tá an fhairrige indiugh?" – fealltamhail, mar tá riamh, mar "calm geimhridh nó stoirm shamhraidh" .i. nách fada dhi ar aon aiste. Farraige caithte (cáithteach) ag imtheacht dá boghaibh lé siubhal: braonaidheacha sáile dhá scaipeadh san aer. Tá fairrige aniar dtuaidh indiugh .i. tá sí garbh, árd, borb. Lean an céachda, ní haon fhear fairrige thu: is fearr an feirmeóir do dhéanfá ná máirnéalach nó iascaire. "Óir is i sé lá do rinne an Tighearna neamh agus talamh, an fhairrige agus an uile nidh atá ionta, etc." (Ecs. XX. 11): an bhóchna go léir. "Agus ag siubhal d'Íosa le taobh farraige na Gaililí do chonnaic Sé beirt dreathár, Siomóin dá ngoirthear Peadar agus Aindrias a dhreatháir, ag teilgean lín san bhfarraige óir dob iascairidhe iad" (Matha IV. 18). B'fhearr liom bheith ar thóin na fairrige ná rud do dhéanamh ort. "Fén bhfairrige go múchtar tú" (mallacht): go mbáidhtear thu. Tagann farraigidhe diamhaire ar Cheann Sraithe: fiadhaine a scannróchadh an t-anam asat. Chuaidh sé i bhfairrige: thuit sé, etc. Cad thug chugham thar fairrige anall é nár fhan thall: tar lear annso. Sin nadhbhóg ná fuil ionfharraige ón ndéanamh neamhchúmtha atá uirthe: oireamhnach lé dul uirthe. Ar fairrige nó ar talamh fear seadh é: in aon áit chruthóchadh 'n-a fhear mhaith é féin. Chuireamair chun fairrige: chuadhamair uirthe. Mara dtugair aire is leis an bhfairrige thu: báidhfear thu. Tháinig scríob ón bhfairrige nár fhág ruibe féir glas: a shéid as an dtreó san. Farraige! a bhádóir: bí ar t'aire. Fairrige righin: ólaidhthe móra, árda ná briseann.

fairgeóir: *f.3.* fear farraige, máirnéalach, fear go mbíonn eólas iongtach air. Ní fairgeóiridhe iad san ach útamálaidhthe: fir mhaithe seachas droichfhir.

fairsing: *a.* mór, leathan, fóirleathan, flúirseach, mórshlightheach, fial, flaitheamhail, rabairneach, bronntach. "Is fada fairsing í Éire", ars an bhean ón mBlascaod nuair tháinig sí ar an míntír a's gan ach deich míle ceárnach feiscithe aice dhi. Éirigh! a scraiste, tá an lá go fairsing ann: geal gléigeal: isteach sa mhaidin. Bhuaidh mo chapall go fairsing bhí sé céad slat roim an ceann dob fhearr aca: go fuidheach: gan puinn duaidh. Connus fhéadfainn siubhal go gasta nuair tá mo bhróga chómh fairsing sin a's go bhfuil mo chosa i reachtaibh ar éirghe asta. Casóg ró-fhairsing a's caithfear í d'aithdhéanamh: rófhlúirseach: rómhór i ngach cuid di. Tigh breágh fairsing oireamhnach do Pheáirnéil an lá b'fhearr do bhí sé: mór, árd, leathan. Scaoil sé an bád fairsing a's d'fhóbair do í do bháthadh: glan díreach roimis an ngaoith. Mo mhairg is ins an tigh úd do bhí biadh agus deoch go fairsing: flúirseach agus é fé fhéile. Duine fairsing, a dhuine, ná cuireadh sé aon iongadh ort cad d'íosfadh sé: duine mórchorpach go mbeadh goile maith aige. Daoine

fairsinge ná leigeann aonne uatha fé thart ná fé ocras: fiala, flaitheamhla. Beag duine ná go bhfuil aithne aige ort is fada, fairsing í do cháil: fóirleathanadamhail. Ná fuil an bóthar fairsing do dhóthain duit gan bheith ag cómhgarach ar na daoinibh: mórshlightheach. Fairsing fé n-a dhéirc: sconnabheartach: bronntach. "Beidh bláthanna go fairsing id gháirdín": go flúirseach: iomadamhail. "D'fhág sé, mar ná raibh an áit fairsing a dhóthain do", deirtear lé duine gur deacair é do shásamh. Ní leómhainte do dhuine aon rún do thabhairt do san tá béal ró-fhairsing air: tugtha do bheith béalscaoilteach.

fairsinge: *b.4.* leathantas, réadh nó léirg fhada, leathan, limistéar: féile. Bíodh fairsinge an bháin agaibh chun bhur gcuid ranngcáis: amach fén spéir (réadh) libh. Nuair mhachtnófá air chuirfeadh fairsinge na farraige diamhaireacht ort: a méid uathbhásach, áidhbhéil. Ní shásóchadh an diabhal féin fairsinge a ghoile, bheadh sé ag itheadh de ló agus d'oidhche: an tslighe bídh go léir atá ann. Slighe ar bith níl agat sa leabaidh seo, níl fairsinge do bheirt innte: méid a dhóthain. Chuadhas amugha i bhfairsinge na coille m'eólas ní fhéadfainn do dhéanamh in aon treó aiste: a faid 'sa leathad. Dá mbeadh fairsinge thalmhan agam: leathantas: mórchuid. 'sé an locht is mó atá ort-sa fairsinge do bhéil: leagthacht lé n-a iomad cainnte neamhghábhtaraighe do bheith agat. Chuirfeadh fairsinge a chuid éadaigh ag gáiridhe na clocha glasa, dhéanfadh sé culaithe don ngnáthdhuine: an fhlúirse éadaigh. Bíodh fairsinge na háite amuigh agaibh!: slighe mhúinte chun a chur in iúil gur bh'fhearr leat easbhaidh a gcuideachtan.

fairsingeacht: *b.3.* leathantas, flúirse, "scóp" mor, líomatáiste, leathad. Ilmhéid drochthalamh gan amhras, ach go bhfuil aon bheith amháin air, fairsingeacht: cuid mhór de do bheith ann. Is mór an fhairsingeacht atá san acra Gaedhealach 'e bhreis ar an acra Gallda: leathantas sásamhach. Ars an breitheamh leis an gcoirpeach, "níl aon teóra lé fairsingeacht do chortha, is beag coir an gclár ná go bhfuil déanta agat": méid: iliomad. Chuir sí an deoch ag scéidheachtaint d'fhaobhar an áruis" – "níl baoghal ná go raibh fairsingeacht ag baint lé n-a láimh": flúirse agus féile. Stocaidhe tútacha iad san nár mhór dóibh fairsingeacht bróg: breis mhéid ná mar iarrfadh stocaidhe tanaidhe. Scaip an ghaoth agus na taoididhe an raic fé fhairsingeacht na mara: leathantas mór na gcéadta mílte. Do lamhálfadh fairsingeacht an bhóthair trí trucailidhe thar n-a chéile air: mórleathadh. Ní maith liom fairsingeacht cos an chapaill sin ag gluaiseacht: a fhaid a's choimeádann ó chéile iad.

fairsingighim: *b.a. 7 n-a.* leathanuighim, méaduighim i ngach treó, searaim, flúirsighim. Fairsinigigh do chosa ó chéile agus beir níos talamhaidhe: druid ó chéile go maith iad. Fairsinigigh! tabhair breis shlighe. Fairsinigigh an bád: leag as an ngaoith go mór. Dream anoir iad san a fhairsinigigh fútha go mór sa bhall so: a shroich mórán talmhan, saidhbhreas nó go ndeachaidh a líon i méid. Fairsinigigh ar do láimh, ná bí chómh sprionnlaithe: tabhair breis uait. Bréagnuigh an ráfla sara bhfairsinigighidh sé fén ndúthaigh: sara n-imthighidh sé fóirleathanadamhail. Toisc gan trollairidhe Shasana do bheith ag teacht ar ár gcósta anois fairsingeóchaidh iasc: méadóchaidh a líon: beidh breis de ann. Fairsinigigh fén bhfód (treabhadóireacht): bíodh breis leithid san bhfód agat. D'fhairsinigigh na saighdiúiridhe soir fén gceanntar: shearadar nó shíneadar amach ar an dtaobh san. Ná fairsinigigh an poll san nó laitfir é: ná méaduigh é. Fairsinigighidh, a fheara: druididh amach ó chéile: tugaidh breis shlighe dá chéile. Fairsingeóchaidh cómhla

an dorais sin mara dtairngeáltar go daingean í: scarfaidh na cláracha ó chéile. Tabhair fúiscealacha maithe mine don ainmhidhe sin agus fairsingeóchaidh sé: raghaidh sé i leathad 'si dtoirt.

fairsneachas: *f.1.* flúirse, iomláine, mórchuid, breis, raidhse. Mo dhá ghradhain do shíntiús mór tá an fairsneachas ag baint riamh leat: flúirse: tabhairt go rabairneach. An té go mbíonn an rud aige is do is fusa an fairsneachas: an rabairne thabhartha. Dá mbeadh fairsneachas an domhain agam, a bhraonaigh, budh leat é: ionmhas an domhain.

fáirsneamhail: *a.* "scópamhail", mórshlightheach. Guirt fháirsneamhla bhíonn síos fén dtír chómh mór lé baile ar fad san áit chumhaing seo: fada, leathana: toirteamhla. Fáirsneamhail a dhóthain atá an bóthar so d'áit ná fuil bualadh mór air: oiread slighe ann a's nách gábhadh a thuille. Is ait liom gur eithigh sé thu, shaoileas riamh gurbh fhear fáirsneamhail é, nár rud leis maith do dhéanamh: flaitheamhail. Lé cóngamh na ngrás beidh toradh agus beatha fáirsneamhail ambliadhna: flúirseach.

fáis: *a. gein. d'fhás* Níl corruighe na coise ann ge ingne fáis: pianta cnámh i nduine ag eascar do. Glasraidhe fáis im gháirdín: gabáiste agus rudaí glasa.

fáis-bhíodhgarnach: *b.2.* eagla gan bhaoghal, critheagla dúmais: lagpháiseacht. Is maith an té ná cuirfeadh an bheirt aca i gcantaibh nuair chídhfeá fáis-bhíodhgarnach ag teacht ortha a's ná tabharfaidís aon chabhair chun sinn do theacht saor: imshníomh in ionad misnigh. Croith dhíot an fháis-bhíodhgarnach san má tá cúis féin ort ní baoghal ná go maithfear duit: faitchíos gan bhun. Ar tí don ndochtúir an tsnáthad do chur ionam tháinig fáis-bhíodhgarnach ionam, dar liom go raibh deireadh liom: bhraitheas lag-pháiseach: scannradh gan ghábhtar.

fáis-bhíodhgarnach: *a.* eaglach, faitchíosach. Fear maith farraige é go deimhin ach go mbíonn beagán fáis-bhíodhgarnach lé linn anaithe: eaglach gan chall leis. Dá mb'eól dom go raibh an chabhair chómh geairrid dom ní bheinn chómh fáis-bhíodhgarnach a's go mbeinn deargchreathadh: chómh lag-spirideamhail. Nách fáis-bhíodhgarnach an duine thu ná hólfá an deoch dochtúra so: eaglach nár mhaith dhuit í.

fáisceamhail: *a.* gasta, dlúthcheangailteach, palcuighthe, teann ar a chéile: cómhdhlúth, feistighthe. Cuirim nath riamh san tslighe fháisceamhail a bhíos a cuid éadaigh uirthe: gasta, slachtmhar: neamhstroilleamhail. Cuir do chuid leabhar níos fáisceamhla lé chéile, nách liobarnach atáid: níos cóirighthe: i slighe a's go bhfanfaid i bhfochair a chéile níos fearr. Beart neamh-fháisceamhail dob eadh é a's a rádh gur thuit sé as thóin a chéile sa phost: gan a bheith ceangailte 'n-a cheart. Bean tighe fháisceamhail seadh í agus tá a rian air is slachtmhar é a tigh 'sis glan: gasta, feisteamhail, aireach, gnóth-eólgaiseach. Níl na fuinneóga ró-fháisceamhail, thugadar an oidhche ag cnagadh leis an ngaoith: feistighthe, curtha i bhfearas cheart. Sleamhnóchaidh an stráice sin (an fáisceán) ded láimh óir ná fuil sé fáisceamhail a dhóthain: casta dlúth teann a dhóthain. Bád daingean, fáisceamhail seadh í a sheasóchadh droch-fharraigidhe: síomtha, dlúthuighthe. Ó rugadh me ní fheaca aonne is neamhfháisceamhla tímcheall a ghnótha, ar chríochnuighis aonnidh riamh i gceart?: manaoiseach, neamhaireach, fuar.

fáisceamhlacht: *b.3.* dlúithe ceangal nó luighte lé chéile, aire, cruinne agus tinne ar a chéile, gastacht, feiste. Tuitfidh an soitheach san as a chéile le neamh-fháisceamhlacht na bhfonnsaidhe, táid ar bogadh: ceal iad do bheith dlúth, teann leis na stabhaibh. Lé fáisceamhlacht na mná do chongaibh sí an tigh sin i bhfochair a chéile 'n-a haonar a's muirear óg uirthe: lé n-a feabhas a's cruinne chun gach cúraim tighe do chur chun cinn. Go saorair sinn! bíodh fáisceamhlacht éigint ag baint leat, do bhróga salacha, do chuid éadaigh gan scuabadh, tu gan bearradh gan glanadh!: críochnughadh, gastacht deallraimh. Fáisceamhlacht an bhuinn agus uachtair na bróige ní leigfeadh deóir uisce isteach choidhche: a dhlúithe agus a dhaingne atáid ar a chéile. An fháisceamhlacht atá ar a chuid airgid aige ní thaithnigheann lé mórán. B'fhearr leó é do bheith boigéiseach fé: an greim: neamhfhonn a chaithte.

fáisceán: *f.1.* stráice, ceangal, gléas chun aon rud d'fháscadh, castóir, teanntán. Mara dteannair an fáisceán ar an mbeartán san imtheóchaidh as a chéile: an ceangal. Cuirtear fáisceán ar an láimh sin chun a neartuighthe – tá sí leónta: stráice éadaigh nó línéadaigh casta go dlúth ar ghéig ghonta. Dá mbeadh aon fháisceán ar an bhfuinneóig ní bheadh an fothrom san aice: greim. Cuir fáisceán níos fearr 'ná san ar do dhubhán nó ní fhanfaidh sé: ceangal láidir lé snáithín, cairche, etc. Is fusa dhon mhnaoi sin nigheachán do dhéanamh ná dómh-sa, ní gábhadh dhi a géaga do chor ag fáscadh a héadaighe faid a's tá fáisceán aice: gléas chun an uisce do scaradh leis. Sin é amach an bóthar agat níl aon fháisceán annso ort: níl neach ghod chongbháil det aindeóin. Cuir de dhoradha chaol, chruaidh a bhí air agus nár dhiail an fáisceán é gur b'éigean an scian do thabhairt dho: ceangal a bhí ag dul thríd isteach. Nách deas an gnóth do chuir mo bhean orm indiugh? fáisceán do cheannach di!: baill éadaigh a lásáltar go dlúth tímcheall an chuirp.

fáiscim: *b.a.* teanntuighim, greamuighim i gcoinnibh, locaim. Fáisc ceann na heascún (farraige) i gcoinnibh na gunalach nó ní féidir an dubhán do bhaint aiste: teanntuigh go dlúth é: greamuigh é i gcoinnibh. Nuair bhíos im bhráighe fáisctí sinn i mbothánaibh stáin sé fichid troigh ar faid agus tríocha troigh ar leithead: lochtí sinn: cuirtí i bpóna sinn. Fáisc na caoire i lúib an ghuirt: teanntuigh ann iad. Fuairtheas fáiscighthe marbh fén dtrucail é tréis na hoidhche: greamuighthe: i slighe a's ná féadfadh é féin d'fhuascailt.

fáiscim: *b.a.* greamuighim, ceanglaim, dlúthuighim, barrógaim, casaim go cruaidh, scartaim uisce (as). An oiread san ceana agam ort go bhfáiscfinn lém chroidhe thu: go mbarrógfainn thu. Cloisim mórán rud ná cloisfear im dhiaidh, fáiscim mo bhéal ortha: dúnaim: déinim rún ortha. Fáisc do phlapa, faire!: dún agus daingnigh gabhal do thriubhais. Fáisc do bhéal annsan!: cuirir déistin orm: dún go prap é. Fáisc air! nár stadaidh (choiscidh) ár ndícheall tu: lean de ar an bhfuadar atá fút. "Fáisc air", deirtear nuair bhíonn ualach (féir etc.) lán, téad lé ceangal i mbád nó ar luing etc. .i. cuirtear na snadhmanna anois air. Fáiscimís chun oibre! tá an mhaidean caithte orainn: cromaimís uirthe go luathlámhach. Ní fhéadfadh sí gan bheith gortach, is as an sprionnlaitheacht do fáisceadh í: b'shin é budh dhual agus budh dhúthchas di. Fáisc chun an bhídh anois, táir ag siolagar leis an ocras: sin é an biadh agat a's ná coigil do. Fáisc liom anall, ní féidir lém láimh tú do shroichstint: druid liom go hathchomair. Ná fáisc ar an gcarraig nó is baoghalach don mbád: ná bí "dána uirthe": ná fan rógheairrid di. Táid againn, fáiscimís

ortha: leanaimís ar an iarracht dhian atá dhá déanamh againn. Nuair bhíonn an iomad bhriollabhrealla ar siubhal ag neach deirtear leis go leamh – "fáisc do cheann" .i. cruinnigh do chiall. Fáisc umat do chasóg, ort do bhróga etc. .i. feistigh iad i slighe ná beid liobarnach ort. Is beag an choinne a bhí agam go bhfáiscfidís chugham a's iad chómh sítheach, grádhach liom: go dtabharfaidís íde bhéil dhom: go n-ionnsaidhidís me. Fáisc suas tú féin, a dhuine, ná bíodh aon mhairg ort mar gheall ar ar thárlaidh dhuit, tá furmhór do shaoghail rómhat amach fós: mothaluigh thu féin: glac misneach: ná leig tu féin in ísle bhrighe. Dá neamhchodlataighe é d'fháisc a shúile sa deireadh: dhúnadar i suan. D'fháisc sé a dhóirne a's chuir chun siubhail: dhún sé a chrobhanna le fuadar. Ná fáisc t'fhiacla chugham-sa: ná cuir clódh feirge ort féin. Fáisc an tairnge: tiomáin agus dlúthuigh go maith é. Fáisc an t-uisce as an dtubháile: cas agus cas é go gcuirir iachall ar an uisce as. Go bhfáiscfeá mo lámh ataoi, ní bhfaghair í, mar ní cara thu: go gcroithfeá go muinnteardha. Ní fháiscfidh an aimsir go ceann i bhfad ar na cómharthaidhibh atá ar an spéir: ní thriomóchaidh agus chruadhfaidh. D'fháisceadar chun cinn dom aindeóin: dhingeadar lé barr nirt agus buaine. Níor bh'fhada dóibh ag imirt gur fháisceadar chun a chéile: chromadar ar achrann. In ionad bogtha ortha is amhlaidh d'fháisc na tighearnaidhe ar na feirmeoiridhibh gur chrádhadar an croidhe ionta: leanadar níos déine den mbroid ortha. Fáisc an sughlach as an oráiste: luigh chómh teann trom san air a's go sillfidh sé as 'n-a bhraon a's 'n-a bhraon.

fáiscthe: (**fáiscighthe**) *a.r.* dingthe go dlúth, greamuighthe go daingean, scartuighthe, barrógtha, gasta, gléasta go niamhair, snasta, slachtmhar, neamhliobarnach. Bróg dheas, fháiscithe air i gcómhnaidhe: gasta, córach, deaghdhéanta. Cailín fáiscthe, díol aon fhir de mhnaoi: cailín a bhíos aireach i dtaobh a deallraimh, a cuid éadaigh agus i ndán a cúraim do dhéanamh go slachtmhar. Trucail mhaith fháiscithe: déanta go córach: go dlúth, daingean. Nách fada atáir gan do bhróga do bheith fáiscithe ort: curtha ort agus dúnta. Fuagháil neamhfháiscithe a bhí ar an dtriubhas, do bhí a rian air, is luath do scaoil sé: gan na greamanna do bheith fuaighte abhaile go dlúth 'n-a gceart. A ndóirse siúd chómh fáiscithe ná maireann sé an sladaidhe oidhche a réabfadh iad: daingnighthe: feistighthe ar feabhas. Th'anam 'on diabhal, a dhuine! tá an t-anam fáiscithe asat ag an gcrios san thar do chom: connluighthe ar a chéile. Rámhaidheacht fháiscithe í sin go bhfuil cur chun cinn innte: buillidhe tómhaiste, chómh láidir. B'fhearr liom gan tú do bheith chómh fáiscithe fé airgead: chómh greamuightheach air. Seadh, beir sásta anois go bhfuil an fheóirling dheireannach fáiscithe agat asam: priocuighthe uaim lé héagcóir nó lé déine. Admhuighim go rabhamair seal dár saoghal fáiscithe go mór lé chéile: an-mhuinnteardha ar fad. Ní fada go mbeidh gach nidh fáiscithe i gcóir an gheimhridh againn: curtha i dtreóir: beatha na bliadhna.

faisnéis: (**fáisnéis**) *b.2.* cunntas, éachtaint, eachtra, scéala, ráidhteachas, cur síos, craobhscaoileadh. Is mór na ceisteanna atá ort, ag lorg faisnéise ataoi?: ag lorg éachtainte nó gaoth focail éigin go ndéanfá adughadh air. Fuaireas faisnéis ó "phríochán dubh" éigin go raibh a lithéid de dhuine go rabhas ar thóraidheacht ag obair ar an mbaile: scéala. Cé rinne faisnéis orm go raibh olc agam chughat: cé scéidh orm: cé innis a lithéid. B'eól dos na Gárdaidhibh go raibh poitín dhá dhéanamh sa cheanntar – ná fuaireadar faisnéis chruinn ar an mball ceart: cunntas nó aon éachtaint a threóróchadh iad ar an áit. 'sé a raibh d'fhaisnéis agam go raibh sé ar an mbaile go raibh sé ráidhte gur scrígh sé as:

d'fhios chun mo stiúrtha. Mórán spiairidhe a's fairitheóiridhe ag tíorthaibh an chogaidh ameasc a namhad ar lorg faisnéise ar imtheachtaibh luingeas a's buidhean airm: scéala. Seán m'fhear faisnéise leis mar scéal: m'ughdar.

faisnéisidhe: *f.4.* fíné, tuairisceóir. Ars an bleachtaire, dearbhuigheann fiche faisnéisidhe ná raibh neach i ngiorracht céad slat do nuair thuit sé dá chapall 'n-a phleist mharbh, scian trí n-a chroidhe, táim dall aige: fíné: duine a bhí ag féachaint ar an dtoisc. Fé thóin chuaidh faisnéidhthe go dtí bráca na saighdiúiridhe ag tabhairt tuairisce cá rabhas i bhfolach: spiairidhe. Dearbhuigheadh an faisnéisidhe a thug cunntas don lucht ceannais cá bhfuair sé an corp: an té a thug tuairisc a fhaghála: aithriseóir.

faisnéisim: *b.a.* innsim, aithrisim, scéaluighim, fiadhnuighim, athsuidhim. Mar chonnac d'fhaisnéiseas go fírinneach gan cor isteach ná amach: d'innseas: thráchtas. Faisnéisfidh an fear so dhíbh cruinn-imtheachta an chatha: cuirfidh síos go beacht, fírinneach ortha. "Is maith a fhaisnéisir", ars an breitheamh, "is mór an chreideamhaint atá ag dul duit, is furaist aithint gur tu béal na fírinne": a chuirir síos t'eachtra. Ná bíodh sé don diabhal ort go bhfaisnéisfeá lém mhnaoi go bhfeacais ag suirgheacht mé!: go scéidhfeá orm: go dtabharfá aon éachtaint di air.

faisneóg: *b.2.* górán, mionphocóid. Nách salach an diabhal duine thu, lán d'fhaisneógaibh ó rugadh tu: pocóididhe beaga: maidhm bheag cneasa a's othar innte.

faisneógach: *a.* gríosach, lán d'fhaisneógaibh. Faisneógach ó bheith ag ól beathuisce: salachchroicinn.

fáistine: *b.4.* tarangaireacht, tuar: rud nó aimsir lé teacht. Ní ag tabhairt aon bhreithe ort é – go raibh a tosach san ag Dia – is ní ag déanamh fáistineachta ort é, ach má leanair ded gheámaidhibh mo mhórthuairm gur leis an áidhbheirseóir sa deireadh thu: ag déanamh tarangaireachta ort. Ní rómhaith an t-ughdar me ach chuirfinn i bhfáistine go stadfaidh an cogadh so go hobann: dhéanfainn fáidheóireacht air. Cad é t'fháistine ar an aimsir? féach na cómharaidhthe sin thuaidh?: cad is dóigh leat di?: cad tá ar an aimsir?

faithche: *b.4.* áit ghlas i lár baile, macha, plásóg. Téighidh ar an bhfaithche: os chómhair gach aonne ag troid. Níl sa bhaile anois ach faithche: féar ag fás mar a raibh tighthe. I lár an bhaile tá faithche mar a mbíonn margadh a's aonach: áit fhairsing gan tógáil air. Faithche an chatha, na himeartha: páirc.

faitcheas: (**faitchíos**) *f.1.* laige spiride, ceal misnigh, túis eagla: eagla roim iarsma déanta ruda: scáthmhaireacht. Fiú amháin i gcorp an lae ghléigil ghil féin bheadh faitchíos orm gabháil trí roilig im aonar: scáthmhaireacht: ní bheadh mo lúthacha chómh daingean agus bheidís dá mbeinn in áit ar bith eile. Iargcúlacht a's diamhaireacht faillteach an chéanna chuirfeadh an oiread san faitchíosa ort gur dhóigh leat gur cheart dhuit amhailt nó rud éigin neamhnádúrdha d'fheicsint ann: fáisbhíodhgarnach: ní bheadh duine "istigh leis féin" do bheith ann. D'fhaitcheas go mbeadh a phócaidhe sladta fé mhaidean níor luigh duilleóga a shúl ar a chéile i rith na hoidhche: ar eagla. Cuireann a dheallramh faitcheas orm labhairt leis, duine támáilte seadh me: scáth: ceal misnigh. Cé hé ná bíonn faitcheas

aige roim an mbás: eagla dul ’n-a dháil. Ní fheadar cad deirim leis, is faitcheas liom nách fada ceann i dtír é: eagla orm nách fada mhairfidh. Do chuid gaoithe móire, do chuid scaothaireachta ní chuireann aon fhaitcheas orm-sa, a dhuine: lagughadh misnigh: ní chuireann as dom. Cailín ró-óg ní phósfadh sí le faitcheas: támáilteacht. Ar mh’anam go raibh faitcheas orm ist oidhche ar an sráid iasachta: míoshásamh aigne. Scrígh chugham ó am go ham a’s ná fág fé fhaitchíos me: imshníomh ná beadh an saoghal go maith agat. Ní breóidhteacht is mó tá air ach faitcheas: a lúthacha bheith ar míthreóir.

faitcheasach: (**faitchíosach**) *a.* eaglach, támáilte, scáthmhar, sceinnideach. Capall faitcheasach é seo, níor mhór duit bheith ’ot fhaire féin air, léimfeadh sé ó pháipéar ar thaobh bóthair: sceinnideach: tugtha do sceit do thógaint. Druid isteach ameasc na bhfear, nách faitcheasach ataoi: scáinteach: eaglach bheith ’n-a measc. Táim faitcheasach mo dhóthain roim an gcneadh san, níl aon deaghchlódh uirthe: uamhan orm go ndéanfaidh sí toirmeasc dom. Chómh faitcheasach lé leanbh ag gabháil thar roilig: scáinteach: laglúthach. B’fhaitchíosaighe me riamh go mór roim mo mháthair ná roim m’athair: budh thámáilte me.

faiteach: (**faithteach**) *a.* sceinnideach: aireach, scáinteach, cúthail. Chómh faiteach lé coinín i bhfad ón rapach: lagchroidheach: so-eaglach. An chéad lá chuaidh sé ar scoil b’fhaiteach do bhí sé roim an máighistir: cúthail: iargcúlta. Ainmhidhe faiteach go gcuirfeadh a scáth eagla air: sceinnideach. Farraigeóir neamhdhána é a bhíos an-fhaiteach: aireach. Is í an té is faitighe beó í roim dhaoine iasachta: scáinteach: cúthail. An mada ruadh ag druideam lé ródh na gcearc go faiteach ag seachaint a namhad: go han-aireach. Scoláire faiteach a choingbhigheas ar leithrigh leis féin ón gcuid eile: neamhcharráisteamhail.

fáithim: *b.2.* ciumhais (*iol.* ceasa), faobhar mar a ndúbluightear an t-éadach chun a neartuighthe nó a sheachana ar scaoileadh. Meaintín na haindeise ná féadfadh fáithim ná poll d’oibriughadh. Cuir fáithim air (leis). Fáithim ag scughadh. Cheannuigheas fáithim thalmhan ’n-a theórainn: stráice caol. Tá an iomad teallaireachta agat, b’fhearrde thu fáithim do chur ar do bhéal: bheith id thost.

fáithim: *b.2.* blúire, giota. Níl fáithim ná fuil caithte anois aige: deireadh a choda.

fáithimighim: *b.a.* fillim, ceas, (ciosaim). Fáithimigh an taobh san suas tréis na scothóg do bhearradh dhe d’fhonn a’s ná scughfadh an t-éadach: fill a’s fuaghuigh é.

fáithleógach: *a.* corr(a)thónach, aerach, guagach. Is fáithleógach liom mar shuidhir sa nadhbhóig - iompóchair é mara bhfanair socair: neamhshuaimhneasach. Dar léi gur cheart di, ar a cainnt, an fear is saidhbhre sa tír d’fhagháil mar chéile tá intinn chómh fáithleógach san aice: guagach: “ritheann sí léi féin” thar chailc.

faithne: *f.4.* siat nó meall bheag a bhailigheas ar an gcneas. Ní fheaca riamh thu ach faithne ort: ag gearán do shíor: casaoid éigin i gcómhnaidhe. Seachain thu féin nó b’fhéidir go gcuirfinn-se faithne ort: rian: marc gortughadh a fhanfadh ar feadh tamaill. Is

mise an buachaill ná beadh i bhfad ag baint na bhfaithnidhe des na súilibh agat: a bhéarfadh do chiall duit.

faithneach: *a.* go bhfaithnidhibh, cráidhte. Méireannta faithneacha. Ó, is tu atá go faithneach indiugh, cad í an mhairg atá anois ort: cráidhte mar bheadh duine lán d'fhaithnidhibh ná fuilngeóchadh teangmháil leis.

fál: *f.1.* falla, claidhe, claidhe fáis: cosaint, scáth. "Seadh, sin é an t-eiteachas fachta cheithre huaire againn, cá dtabharfam ár n-aghaidh anois?" – "ní fuláir nách fál go haer é": go bhfuil ár bhfuascailt in áit éigin. Is iomdha fál roimis an nduine ar feadh a bheatha, cuid aca do chuireann de, cuid aca ná cuireann: constaic, bac, cosc. Cuir i bhfál a chéile go haonnidh sara bhfágair an tigh a's ná fág go leibideach id dhiaidh é: i bhfochair a chéile: críochnamhail. Fanaidh i bhfál a chéile ar eagla go raghadh aonne agaibh amugha toisc ná fuil eólas na sráideann agaibh: i bhfochair a chéile. Dheara, léan ortha mar líon tighe ná bodhair me leo, ní chuirfidh aonne aca aon chrích air féin go deó, fanfaid annsan i bhfál a chéile go mbeid 'n-a seanóraibh: gan scaramhaint. Tá fál curtha anois nó riamh orm, ní fheadar cá n-iompóchadh tá an uile dhuine im choinnibh: táim teanntuighthe. Thug sé é féin le teasbáint sa Daingean ar uair áirighthe mar fhál ná féadfadh sé bheith dréir deallraimh i dTráighlí um an dtráth go gcúiseófí leis é b'fhéidir: mar scáth: cosaint. Níl fál ná falla ag aonne annso ort: tá cead do chinn a's do chos agat. "Agus do thionnscain sé labhairt leó i gcosamhlachaibh (ghá rádh), do chuir duine áirighthe fíneamhain agus do chuir sé fál n-a tímcheall agus do thochail sé ionad brúighte an fhíona agus do thóg sé tor agus do thug sé ar cíos do scológaibh í agus chuaidh féin i gcoigcrích" (Marc XII. 1): cosaint. An ag déanamh fáil orm-sa ataoi? Ní gábhadh dhuit sin, táim-se ábalta ar aire do thabhairt dom féin. D'fhág an buille do fuair sé i bhfál a chos é: i gceann a chos: thuit sé ar an láthair sin gan corruighe as. Cómhnuighim in iarthar Éireann mar a bhfuil fál na farraige linn: teóra. Ní fada uaim do chómhnuigheann sé tá sé thar fál agam: sínte suas liom. Fál aitinn, "fiúise", seach etc. do chur ar chlaidhe: barr cosanta. Mara mbeadh fál na dlighe is iomdha coir do déanfí ná deintear: caomhnacht.

fala: *b.4.* díomas, míchéadfa, drochaigne, cnámhghonadh, "an dubh", drochaigne, gangaid, olc, stainncín, feall: míorún, an-cháirdeas. "Is fearr seanfhiacha ná seanfhalaidhe" (seanfhocal): is fusa a gcúiteamh. Deinidh síothcháin a's ná bídh ag cothughadh na fala: ghá congbháil beo: ghá fadughadh: é do bheith istigh agaibh dá chéile. Theasbáin sé sa deireadh é, is fada an fhala 'n-a codladh ge sin dom-sa: an drochaigne: an dubh. Leigheann gach rud leis an aimsir a's leaghaidh m'fhala dhuit-se leis, níl agam duit anois ach croidhe glan. Cad é an fhala atá agat liom ná labharfá liom?: cad tá istigh agat dom? Ná tuig ar feadh faid na faire go bhfuil aon fhala agam lé n-a ndubhrais im choinnibh ó tuigeadh duit go raibh an ceart agat: míchéadfadh, míoshásamh aigne. Nách é an fhala é bheith ag féachaint ortha so thar paróiste amach bheith ag obair 'n-ár measc agus sinne díomhaoin: an cnámhghonadh: an rud a chuirfeadh míothaithneamh ar aonne.

fálach: *a.* cosantach, caomhnach, coimirceach, tárrthach. Tá sé ráidhte gur b'é fáth ná hionsaidheann na cómhachta cogaidh a chéile ar an gcrioslach iarthair go bhfuil an dá thaobh ró-fhálach a's nách féidir a dtolladh gan cailleamhaint na mílte mílte: cosanta,

láidir, daingean. Faid agus bhíonn do chara it fhochair ní bhuailfidh aonne barra méire ort, is é do ghéag fhálach é: géag chosanta. Níl call claidhe na scairt eadrainn tá abha fhálach ag rith ann: a néas cosant. Lámh fhálach Dé os do chionn de ló agus d'oidhche: lámh chosantach. B'fhálaighe an dlighe dos na staigínidhibh fadó 'ná dos na bochtaibh: is mó thárrthuigheadh iad nuair bhíodh cúis ortha.

falaig: *b.2.* bothán, ródh. Tógfad falaig dom féin ná beidh innte ach dhá sheómra: bothán. Nách neamhchríochnamhail an cailín tighe thu, tá an áit 'n-a fhalaig mhuc agat: gan bheith oireamhnach chun maireachtainte d'aonnidh ach do mhucaibh.

fálaim: *b.a.* cuirim claidhe, cosaint ar, tímchealluighim, locaim, falluighim, cosnaim, díonaim, cumhaduighim, ainicim. "An uile rud fuigheallta, fálta, fúirsighthe" (rádh): gach aon rud i dtreó cheart mar bheadh gort curadóireachta. Fál me ar an bhfear cuthaigh sin, tá eagla mo chroidhe agam roimis: cosain me air. Siúd é an talamh atá go fálta, is fada go rachfaidh aon ainmhidhe i bhfoghail air: cladhthacha árda, daingne air. Fálfar an roilig i lár na páirce sin: cuirfear claidhe 'n-a thímcheall. Mara bhfáltar an bóthar san cois an ghleanna beidh marbhadh na gcéadta air: muna gcuirtear claidhe, falla nó cosaint éigin leis.

falaing: *b.2.* matal, clóca, clúdach, ball éadaigh a caithtear lasmuigh den ngnáthéadach. Falaing oidhche: an t-éadach do caithtear leis an gcneas sa leabaidh. Falaing bunóice: an t-éadach do castar ar leinbhín óg. Dar m'fhalaing duit ná fuil fear as so go Corcaigh is dílse liom ná thu: creid uaim an méid sin go diongmhálta. Ar m'fhalaing féin, mhuise, agus creid m'fhocal leis go dtiocfaidh an lá a's ná beidh an oiread éirghe anáirde fé agus tá: chuirfinn mo chlóca (mo chuid éadaigh) i ngioll leis an méid atá ráidhte agam. Dar ndóigh ní haon fhalaing an leighcide casóige sin lá anaithe mar é seo: aon díon ón sín. Ó cuireadh an fhalaing air tá aithne farra na seacht n-aitheanta agam air: ó bhí sé 'n-a naoidheanán.

falathach: *a.* mailíseach, díomasach, formadamhail. Duine falathach ná maithfeadh olc choidhche: dubh, drochaigeantach. Dá mbeadh pingin bhreise sa tsaoghal agat air tá sé chómh falathach san go mbeadh sé ghá mhaoidheamh ort: formadamhail.

falantas: *f.1.* díomas, olc, aingidheacht: eascáirdeas. Cad chuireann an oiread falantais ort liom go gcuirfeá an scian tríd an gcroidhe agam: olc. Is deacair an falantas atá idir ár dtír agus Sasana do chneasughadh óir ná fuil fonn uirthe-se stríocadh dár gceart: an t-eascáirdeas. "Agus cuirfead falantas eadrad agus an bhean agus idir do shíol agus a síol-sa, brúighfidh sé do cheann-sa agus brúighfidh tusa a shál san" (Genesis III. 15): neimhchion.

falchaidhe: *a. n-dh.* uathbhásach, fíochmhar, gruamdha, doriartha, dorrdha. An chuma fhalchaidhe do chuir sé air féin ag tabhairt fé shnámh amach chun an té a bhí dhá bháthadh mhúsclóchadh sé an fhuil ionat: cuma acfuinneach, an dáiríre. Níor mhaith liom dul i dtreis lé Rúiseach, tá cuma fhalchaidhe ar an uile dhuine aca: fíochmhar. Deallramhuigheann na faillteacha géara, diamhaire chómh falchaidhe ón bhfarraige a's go gcuirfidís critheagla ar dhuine: uathbhásach lé n-a bhfiadhantas. Féachaint fhalchaidhe

ort indiugh, cad atá bun os cionn leat?: gruamdha, doriartha. Daoine falchaidhe nár mhian puinn suas ná anuas do bheith agam leo: doriartha: deacair "cóstáil" leo: míomhánla.

falchaidheacht: *b.3.* fíochmhaireacht, gruamdhacht, doriarthacht, míshéimhe. Ar ór na cruinne ní raghainn 'n-a ghoire, cuireann an fhalchaidheacht atá 'n-a ghnúis ar baillchrith me: an daibhceacht (daighceacht?): an choimhtheacht. Ghread sé leis as an áit, ní raibh fulang aige ar fhalchaidheacht na ndaoine, focal ní thagadh as a bpus chuige, a's grainnc ortha go léir chuige: gruamdhacht agus míshéimhe. In ionad lághaiche ní bhfuaireas ach falchaidheacht, gruamdhacht, grodacht a's míshéimhe. Falchaidheacht éigin ag baint leis an nduine céadna ná téidheann mo chroidhe leis: coimhtheacht mar bheadh i nduine coigcríoch.

falcaire: *f.* biorránach cruaidh, láidir, fear corráin: mealltóir, fear magaidh. Tair annso chugham, a fhalcaire, thar n-ais lém chuid airgid, bhuadhais an cluiche sin lé calaois: cneamhaire: cealgaire: cluanaidhe. Cogar, a fhalcaire, b'fhéidir, dá mhéid meas agat ort féin, go gcuirfinn-se do chuid fonmhóide in áit éigin eile!: scigire. Abair pé rud is maith leat, falcaire misneamhail seadh é ná tabharfadh a chúl le haonne: buachaill teann, cródha. Gheóbhaid falcairidhe díomhaoine go leór a raghaidh chun catha dhóibh: ógánaigh láidre gur bh'fhearr leó troid 'ná obair. Bíonn na hiascairidhe 'n-a bhfalcairidhibh díomhaoine, a ndrom le falla, mar ná faghaid luach ar a gcuid éisc: fir acfuinneacha chómh díomhaoin lé bacaigh a chaithfeadh a mála dhíobh. "Is minic práta mór 'n-a fhalcaire" (rádh): fochall ann.

falcaireacht: *b.3.* mí-iomchar, cleithmhagadh, calaois, cealgaireacht. Caitheann an cladhaire sin a shaoghal ag falcaireacht fé dhaoinibh is laige 'ná é: ag déanamh magaidh mhíonáirigh fútha. Ní maith é falcaireacht fé sheanóir: bheith ag déanamh leithéise. Rugadh air ag falcaireacht tímcheall cártaidhe a's lámhachadh ar an bhfód é toisc a mhí-iomchair: ag déanamh calaoise.

falla: *f.4.* cliathán foirginmh; tógáil cloiche nó eile; cuid de thógáil, chlaidhe, chosaint go n-aoirde agus leithead áirighthe. Ar theacht abhaile dho tréis a thurusa gan faic aige ní raibh faic roimis ach na fallaidhe fuara: tigh gan bhiadh gan neach, gan daon. "Nára fada go rabhair marbh a's do dhrom le falla" (rádh) .i. falla na huagha. Falla feidín: falla déanta le cré a's figheachán tuigidhe. "Fallaidhe fuara néann óinseacha" (seanfhocal): ní bhíonn aca ach tighthe gan chrích gan áird. "Fear is fearr 'ná é ní bhfaghfá ar an dtaobh istigh de cheithre fhalla an Daingin" (rádh): sa Daingean ar fad. Fallaidhe Ifrinn! ní choimeádfadh é: is deacair é do chosc gan a thoil féin do bheith aige maidir lé gluaiseacht. Fear láidir go bhfuil a dhrom chómh daingean leis an bhfalla: an-theann, an-fhuilngtheach. Tá an falla ceart liom ar dhul ann gan an t-airgead do bheith agam: an cosc. Ní choimeádfadh fallaidhe as é: raghadh sé ann d'aindeóin an tsaoghail. Fan isteach leis an bhfalla is ann atá an t-iasc: leis an bhfaill (atá árd). Fanann "árthach an tSathairn" cois an fhalla ar eagla bád fé thuinn: athchomair don gcósta.

falla-dhúdaidhe: slíománaidhe: duine a bhíos ag ganfhiosaidheacht ar chách chun rud do chúbláil leis uaidh: cneamhaire. Falla-dhúdaidhe é sin a árdóchadh aon rud leis, ar bhfagháil caoi dho. Nuair fuair an falla-dhúdaidhe mo dhrom leis d'ól fé mo dheoch orm:

ganfhiosaidhe suarach. Ná fág faic leat fé léighe an fhalla-dhúdaidhe: nó tá deireadh amhairc fachta agat air.

falla-dhúdaidheacht: *b.3.* ganfhiosaidheacht: braithteól gadaidheachta. Lé falla-dhúdaidheacht do fuairis a bhfuil agat, ní hasat féin riamh do thuillis é: ag faire na cao do shíor ar rud do channtáil nó do shealbhughadh. Beireadh air ag falla-dhúdaidheacht, ag teacht ar rud ós íseal chun a ghreamuighthe. Tá an mada ruadh ag falla-dhúdaidheacht an aimsir seo, níl coileach ná cearc fágtha sa pharóiste aige: ag teacht go haireach, aicillidhe ag fogha.

fallsa: *a. n-dh.* bréagach, mealltach, neamhmhuinghineach. Déithe fallsa atá aca i lár na hAfraice: ná baineann leis an gCriosdaidheacht. Rugadh ar bheirt thuinncéiridhe a's ar a gcuid fearais aca ag déanamh airgid fallsa: neamhdhlistinneach, bréagach. Duine fallsa é ná beadh mo sheasamh air, is minic feallta aige: neamhmhuinghineach. Chuir sé tóna fallsa 'n-a chófra chun rud do thalladh isteach 'on dúthaigh: tóna eile seachas an ceann ceart. Gaedhling fhallsa atá aige, as féin d'fhoghlumuigh sé í: neamhcheart: neamhghlan. Fínéacht fhallsa do dhearbhuigh sé: dhearbhuigh sé an bhréag. Droichead fallsa é sin, budh dhóigh leat ar fhéachaint air go bhfuil sé an-láidir, ach tá i reachtaibh tuiteam i ngabhal a chéile: níl, dréir a dheallraimh. Ná bí fallsa léd ghrádh: ná meall í. Ar bhreith air sloinne fhallsa do thug sé dos na gárdaidhibh: nárb í a shloinne féin.

fallsach: *a.* bréagach, mealltach. Ró-fhallsach ataoi dhómh-sa, fear macánta mar me, chun aon bhaint do bheith agam leat: fealltamhail: níor bh'fhéidir muinghin do chur ionat. As do bhéal amach ní thagann ach bréithre fallsacha, ná creideadh aonne thu: bréagacha: éitheach a's cainnt cham ar fad.

fallsacht: *b.3.* camasghail, mealltacht, bréagacht, gangaid. Is maith atá a fhios ag lár do chroidhe istigh gur fallsacht duit a rádh go rabhais ann a's a dheimhin ná rabhais: rádh dáiríre in aghaidh na fírinne. Fallsacht duit seadh bheith ag leathadh scéalta orm is eól duit ná fuil fíor: mímhacántacht. Seachain thu féin ar fhallsacht ban: mealltóireacht: meang: gliocas inchreidte.

fallsuighim: *b.a.* bréagnuighim, sáruighim, bréagaithrisim. Cléireach gur cuireadh príosún air toisc gur fhallsuigh sé a chunntaisidhe: gur chuir síos rudaidhe míchearta. Fallsuigh a bhfuil ráidhte agam más féidir leat é: bréagnuigh. Gach uair do gheibhir an chao fallsuighir: innsir éitheach.

fallsúnach: *f.1.* duine lánfhealltach. Ghéilleadar i nDún an Óir mar gealladh anacal a n-anama dhóibh, ach níor thúisce a n-airm ar lár aca ná gur chroch a's dhíthcheannuigh an fallsúnach Ráilí iad uile: fealltóir. Dá bhféadfá muinghin do bheith agat as ach ós fallsúnach ar gach cor é gur cuireadh iontaoibh as?: feallaire. B'eól dom an saghas duine a bhí ann ná beadh uaidh ach cao do ghoirtighthe, an fallsúnach: duine glic, cam.

fallsúnacht: *b.3.* fealladh, feillebheart, cluanaireacht, cealgrún. Cé hé gur féidir leis é féin do sheachaint ar fhear na fallsúnachta?: ag dul isteach id bhéal le gliocas cealgrúin a's ag gearradh an earbaill díot ar gach caoi: an té ná coimeádfadh dílseacht leat chómh

luath agus oirfeadh do gan. Dá mbeadh rún do bheatha aige scéidhfeadh sé ort lé fallsúnacht: éigean muinghine.

fáluighthe: *a.r.* cosanta, cladhtuighthe, loctha, fé choimirce. Leirg bheag thalmhan fáluighthe go maith fé chlaidhe árd, dhaingean, locuighthe: mar bheadh póna. An gabhann 'n-a gcoimeádtí sinn 'n-ár mbráighibh bhí sé fáluighthe lé cairche (bhaghar) deilgneach: san curtha 'n-a thímcheall chun ár gcoimeádta. Baile fáluighthe dob eadh an Daingean sa tseanreacht: cosanta: bhí fallaidhe daingne 'n-a thímcheall le haghaidh a chosanta.

fáluightheóir: *f.3.* fear a thógas nó a dheisigheas cladhthacha, fáil, etc. Budh chliste an mhéar a bhí ag an bhfáluightheóir a bhearraidh an fál san, nách gleóidhte dréir a chéile atá sé. An fáluightheoir a dheisigh an claidhe sin ar an gclódh atá air ní haon náire dho é.

fámach: *f.1.* duine neamhchríochnamhail, gránda, neamháiseamhail. Fámach mná gur leisce léi an biadh d'ullamhughadh dhi féin: leadaidhe mná: leibide. Nách beag an náire atá ort bheith it fhámach ó shráid go sráid gan chuimhneamh ar thigh ná ar threabh, ar obair ná ar ghnóth: it scraiste. Seal fada ó shoin budh bhreágh, áluinn an bhean í, ach dhein buadhairt agus aindeise fámach dhi gur ghráin leat féachaint uirthe: an-ghránda: uathmhar.

fámaire: *f.4.* duine, ainmhidhe, etc., mór: duine díomhaoin. Biorránach glic. Ó chonnac do gharsún go déidheannach tá fámaire fir déanta dhe, chómh mór leat féin gach aon phioc: mór, groidhe. Náire d'fhámaire garsúna mar thusa gan bheith ag taidhbhreamh ar rud éigin do dhéanamh duit féin in ionad bheith ag imtheacht it scaoinse dhíomhaoin: garsún mór, láidir. I ndomhnach tá sí 'n-a fámaire mná anois chómh mór agus bheidh sí choidhche: bean acfuinneach. Fámairidhe mar sibh-se ní theastuigheann uaim im thímcheall, thógfadh sibh a bhfaghadh sibh a's bhur dteanga 'nbhur leathbhéal agaibh: biorránaigh. "An rugais ar aon iasc indiugh?" – "trí smithiridhe agus fámaire amháin, bhí faid mo láimhe ann!": breac mór, groidhe. Éirigh a's ná bí it fhámaire go headarshuth bó: sínte id scraiste.

fan: (**fean**) ar feadh (am nó achar), ar fuaid. Buaileadh fean na n-easnaidheacha me a leag ar lár me: ar leirg m'easnaidheacha. Fean na hoidhche níor stad sé de shneachtadh: i rith. D'fhág an claidheamh méiscre gránda fean na leicne air: treasna. Is iomdha duine a bhuailfeadh fean an bhéil é ar an saghas san cainnte: ar fhaid an bhéil. Fean an bhóthair ar fad bhí sioc trom: ar a fhaid.

fán: *f.1.* amugha, as eólas, seachrán. Lé fuacht a's le fán go n-imthighidh a chlann: leaghadh go dtéighidh ortha. Budh láidir, gustalach an dream tamall san áit seo iad, ach d'imthightheadar lé fuacht a's le fán: leaghadar gan a dtásc ná dtuairisc. Fán fada ort (mallacht): go n-imthighir gan do thuairisc. D'imthigh a chuid lé fán an tsaoghail: scaip a raibh de ghustal aige. Bíonn fán éigin ar rud éigin san oifig seo gach aon lá: rud éigin ar iarraidh a's nách féidir a fhagháil. Chuir do mhadra mo chaoire ar fán: ruaig sé i bhfad iad a's ní féidir liom a bhfagháil. Chuir a bhean an fán ón dtigh air: ruaig sí é. Lá breágh éigin bead 'e cheal mo spéaclaidhe, bíd ag dul ar fán chómh minic sin uaim: amugha.

Uair fáin do thugaim turus ar Chorcaigh, b'fhéidir uair sa bhliadhain: uair annamh. Madra fáin é sin a bhuail isteach annso chughainn lá, ní fheadramair cé leis é ná cár b'as do: madra a bhí ar seachrán. Dhá luing a bhí ag stríocadh, ar a gcúrsa aniar tar lear táid ar fán lé mí, saoiltear go bhfuilid caillte: ar iarraidh. Práta fáin do gheóbhfá ortha dob fhiú d'itheadh: fothphráta: corrphráta. Is minic minic do thagann an lá úd im smaointibh fáin: smaointe reatha. Ó cailleadh fear an tighe is baoghalach liom gur tigh ar an bhfán a bheidh ann: tigh a imtheóchaidh chun na haindeise. Fadó riamh do bheadh an fán ortha mara mbeadh do chabhair: bheadh an díthleaghadh imthighthe ortha: ní bheadh a dtuairisce ann.

fán: *f.1.* leaca: ísleán. Chuarduigheas fán a's árdán de: árd a's íseal.

fána(idh): *b.2.* (*iol.* fánta) leaca (thalmhan), fánán: talamh ar fiar-sceó, claonadh, leagadh. Tá "rith bodaigh lé fánaidh" anois againn: déarfí nuair beifí ag gluaiseacht anuas le hárdán, taoide, gaoith, go mbeadh an bealach réidh gan duadh. Ná leig lé fánaidh an lasán san go ndeargadh mo phíp leis: ná caith uaith: ná múch. "Cá bhfuil do chuid airgid go léir a bhíodh agat, go mbíodh an maoidheamh go léir agat as?" – "le fánaidh na habhann": imthighthe go haindeis gan aon tuairisc air. Is baoghal liom go bhfuil sé ag dul lé fánaidh, ní thugann sé aon aire dho féin: ag dul chun anatais: ag imtheacht ar míthreóir. B'fhuraiste do buadhachtaint orm, mise san bhfánaidh, eisean sa chomhthrom orm: os mo chionn: fé, thíos. Ná leig le fánaidh thu féin: seasaimh an fód: coimeád ar an dtreó atá fút.

fánach: *a.* díomhaoin, fuar, corr, neamháiseamhail, annamh, anois agus airís, scaipighthe, seachránach, seachmallach. Uair fhánach do chídhimid thu, cén fáth ná fiosruighir sinn níos minicighe: corruair: an-annamh. Má bhíodar fánach féin prátaidhe maithe lé n-itheadh dob eadh iad: scaipighthe: gan bheith iomadamhail. Breac fánach a gheobhfá san abhainn sin go mbeadh aon toirt ann: corrbhreac. Táid go léir coscartha nách mór, girrfhiadh fada, fánach a bhuailfeadh leat: an-annamh ar fad do bhuailfeadh ceann aca lé duine. Is fánach do chídhim airgead: annamh. Beidh fánach agat bheith ag tabhairt chéille dho, is minic fachta aige í ach ní thógann: fuar: díomhaoin, neamhéifeachtamhail. Ní fheadar cad as é ná ní fheadair aonne eile, duine fánach é: deóraidhe: duine deóranta. Fánach an gnóth dhom bheith ag caitheamh cloch i gcoinnibh na gaoithe: díomhaoin: neamhchiallmhar. Fánach bheith ag leigheas na bearta déanta: fuar, neamhéifeachtach. Is fuar, fada, fánach atá furmhór ár ndaoine imthighthe thar lear: scaipighthe, caillte. Scrígh níos dlúithe, tá na focail ró-fhánach agat: rófhada ó chéile!

fanacht: *b.3.* fanamhaint, feitheamh, ag cur fé. Táim ag fanacht anocht: ag stad. "Is fada an fanacht é ó Luan go Satharn", deirtear nuair bhíonn moill rófhada dhá chongbháil ar dhuine. Ghní fanacht fada imshníomh .i. "is fada lé fear fionnraighe é". Ní haon díoghbháil do dhuine braon d'ól ach fanacht air sin: gan dul tharais sin. Níl ann anois ach ag fanacht leis an lá: ag feitheamh an bháis. Goilleann an fhanacht suas ar dhuine: áirneán. Dá mbeadh aon fhanacht lé chéile ionaibh ní bheadh bhur namhaid róláidir díbh: dlúthughadh. Connus bheadh fanacht lé chéile ann nuair ná fuil fuagháil mhaith air: claoidhe lé chéile: dlúthughadh: coimeád.

fánaidhe: *f.4.* seachránaidhe, deóraidhe, duine, ainmhidhe nó rud amugha. Im fhánaidhe aonair i dtír iasachta: im dhuine gan cómhnaidhe fada in áit ar bith. Caitheadh an oidhche ag lorg na bhfánaidhthe sa cheódh: daoine a chuaidh amugha. Seo chughainn an fánaidhe!: duine éigin leis an dtigh a bhí ag imtheacht do féin gan cuimhneamh cúraim. Fánaidhe madra ná faghfá lé fead ná lé glaodh: madra ná faghfá nuair theastóchadh uait. I mullach an chnuic bhuail fánaidhe caorach liom: ceann ar seachrán ón dtréad.

fánaidheacht: *b.3.* deóraidheacht, seachránaidheacht, baois, seachmall, imtheacht míthreórach, neamhchruinneas. An-bhreóidhte ar fad atá sé – bíonn fánaidheacht chainnte air, rudaidhe aite, dhoiléire dhá chur trí chéile aige: seachmall: rádhmhaill. Nách fánaidheacht dhuit cruithneacht do chur sa talamh bhocht san ná tabharfadh seagal: beart gan fuaimeant. Garsún fánaidheachta seadh é nách féidir lé hathair ná máthair cómhairle a leasa do thabhairt do: a leanas a thoil 'sa shlighe féin. Aon eólas ní bhfuairtheas air ó imthigh sé le fánaidheacht i Mearaice: ar seachrán gan tásc ná tuairisc. Leanadh sé dá chuid fánaidheachta, rinncidhe, ráiseanna, ólachán, a's beidh a rian air: dá shlighthibh míriaghalta a's beidh a thoradh aige. An óráid do thug sé uaidh bhí sí lán d'fhánaidheacht, i slighe a's gur dheacair breith ar cad a bhí ar aigne aige go minic: seachmallacht: dul amugha ar an rud a bhí ar siubhal aige. Níor bh'fhiú na prátaidhe do bhaint lé n-a bhfánaidheacht: gainne sa talamh. Toisc an iomad tóraidheachta do bheith ar choinínidhibh annso chuadhadar chun fánaidheachta: fíorbheagán díobh atá ann. An té ná tugann aire dá phinginidhibh beaga airgid téighid lé fánaidheacht: leaghaid: imthighid soir siar. Níor thugais cruinn a dhóthain fé d'imthigh t'urchar lé fánaidheacht: theip air an marc do bhualadh. Is tu mac na fánaidheachta!: duine ceanndáine a leanas a thoil féin.

fanaim: *b. n-a.* ₇ *a.* stadaim, coscaim, cómhnuighim. Fan do lámh!: staon. ""Fan leat go fóill" ars an ghaoth" (seanfhocal): tréis tamaill chídhfir gur agam-sa atá an ceart: go dtuitfidh amach mar dheinim faistine air. "Beidh an buaidh ge Sasana" – "ní bheidh! a Chríost! connus bheadh?" – ""fan leat" ars an ghaoth": bíodh foighne agat agus chídhfeam. Fan ort: staon. Fan ort go fóill, "níor ith na cait an bhliadhain fós" (rádh) .i. gheóbhair amach go n-atharróchaidh rudaidhe go mór agus go hobann. Fan air! ná bog do ghreim ar aon rud: lean de: conghaibh "an ionga dhearg" air: ná stríoc. Fan fé! treabhaidh níos doimhne: ná héadromuigh. Fan as! seachain é: ná téighir san áit sin. Fan liom: ná himthigh uaim. Fan uaim amach (dubhshlán): ná tair im ghoire ná im ghaor. D'fhanas thar oidhche aca: chaitheas í. Fan! adeirim leat, ná buail é: staon. Fan ar bheagán bídh: ná caith ach. Fan os chionn do bhuille má fhéadair é: tabhair iarracht ar bheith neamhspleádhach. Fan os chionn do chos: ná suidh. Nár fhanaidh an biadh leat maran b'ort atá an t-ocras!: as do radharc go n-imthighidh. "Dá bhfanaidh a chiall féin nó ciall aonne eile aige" (rádh): dá bhféadadh sé aon taimilt chéille do bheith aige. "Imthightheann an spré a's fanann an bhreall ar an mnaoi" (seanfhocal): luigheann. "...agus do scriosadh ón dtalamh iad, agus d'fhan Naoi amháin 'n-a bheathaidh agus an lucht a bhí 'n-a fhochair san áirc" (Genesis VII. 23): mhair sé. Ní fhanfá d'aonne, táir chómh ceanndáine sin: ní ghlacfadh sé cómhairle. Fan díom-sa nó beidh an tinn ort: ná cuir isteach orm: ná dein aon rud go mbeadh aithreachas 'n-a thaobh ort. Fanaidh fúibh annsan agus ná cuirtear as sibh ach an oiread: ná corruighidh. Fan ó thuaidh (ó dheas, siar, soir): coimeád breis sa treó san. "Fanaidh siar", ars an fear seóidh, "agus chídhfidh sibh cleas iongtach": deinidh slighe dá chléile: ná bídh ag brughadh isteach. Fan leis an

gclaidhe: téighir níos déine air: druid isteach leis. Fanaidh lé chéile, seadh is treise sibh: dlúthuighidh: luighidh lé chéile. Fan tríd an ngort síos: gaibh tríd síos gan dul ar dheis ná ar chlé. Fan foidhneach anois: ná bíodh fotharaga ná imshníomh ort.

fánaire: *f.4.* seachránaidhe. Fánaire diabhail ná deineann blaiseadh oibre: duine a bhíos ag imtheacht mar fhiadhaire feádha: duine gan aidhm. Níl fánaire i gCúige Mumhan ná go bhfuil scannruighthe gen ngárda gcéadna: duine gan baile a bhíos ag siubhal roimis.

fánaireacht: *b.3.* seachránaidheacht, scraistidheacht, fánaidheacht. Cuireadh an dlighe ortha lé fánaireacht, ná féadfaidís cunntas do thabhairt ionta féin: gan scailp os a gcionn ná de chúram ortha ach a ndrom 'sa mbolg. Thugas an samhradh san ar fad ag fánaireacht ar mo shuaimhneas ameasc na gcnoc a's lé hais an chósta: ag gluaiseacht gan áird chinnte agam ar aonnidh.

fanamhaint: *b.3.* (*-mhna*) fanacht, stad, feitheamh, staonadh. D'fhanadh gan pósadh go lá a báis ag fanamhaint leis: ag feitheamh. Bí ag cur díot; beidh fanamhaint fhada orm-sa annso: stad: fuireach: moill. Dubhairt leis fanamhaint gan é do bhualadh: stad.

fánán: *f.1.* leaca (talmhan), talamh ar fiar sceó, caladh ar fiar. Tairngeadh aníos an bád ar an bhfánán: caladh ar fiar. Ní fhéadfadh an capall an trucail do choimeád siar leis an bhfánán róghéar: leaca rósheasuightheach.

fanartach: *f.1.* ainmhidhe nó duine talcanta. Fanartach fir go bhfuil fulang ann, fear teann, ceólmhar. Fanartach gadhair ná leigeann d'aonne teacht i ngiorracht an tighe: sail mhadra. Náire do fhanartach cailín mar thu bheith chómh cnámhdíomhaoin: cailín toirteamhail, láidir, leisceamhail.

fann: *a.* lag, dearóil, éiglidhe, faon, tláith, meirbh, meirtneach, tréith. Táim fann ó bheith ag éisteacht leis féin agus lé n-a chuid bhriollabhrealla: lántuirseach. Lag, fann atá sé agus tá an t-ádh leis má tá aon éirghe os a chionn: tréith: a neart imighthe. "Tá an ceann uile tinn agus an croidhe iomlán fann" (Isaiah I. 5). Cosa fanna fós fé, níl ann seasamh: lag. Chúig lá i mbád béaloscailte fé fhairsinge na farraige ar bheagán bídh agus dighe go rabhadar chómh fann gurbh éigean an deoch do choimeád leis: tréith, tugtha. Méireannta fanna ná seimfeadh faic anois: lag, dearóil: a smuirt 'sa mire tréigthe. Níl aon chliabh aicíd air ach é bheith fann de dheascaibh chailleamhaint fola: feidhm na colna bheith imthighthe agus bheith gan lúth gan luadhail. Is fann an croidhe ná rinncfeadh leis an gceól san: meirbh. An-fhann atá sé scaramhaint leis an airgead, is righin an mac é: míofhonnmhar. Bhíodar ann idir fhann a's láidir: easlán a's slán. "Is fearr gearr-íoram teann 'ná fad-íodam fann" (rádh): duine teann leathan, íseal ná spadalach fada, lag.

fannghaoth: *b.2.* gaoth éadtrom. Sheólamair lé boladh beag fannghaoithe andeas, oiread a's líonfadh an seól: méabhán. Níl ann ach an scrogall 'san t-iogán, leagfadh puth fannghaoithe é: an leóithne is lugha.

fann-lag: *a.* an-lag: neamhanamamhail. An inchinn chómh beó, aibidh a's bhí riamh aice ach an corp fann-lag gurb éigean í do thógaint isteach a's amach as an leabaidh: an bhrigh

imthighthe as. Duadh na hoibre agus gainne an bhídh d'fháig go fann-lag iad ná raibh ionta dul a thuilleadh: claoidhte amach.

fann-laige: *b.4.* feódhadh nirt: traochtacht. D'fhan sé cois an chlaidhe lé fann-laige ná féadfadh éirghe gur leath an fuacht é: traochtacht: a neart ar fad silte. Teanntuigh liom chun éirighthe tá fann-laige orm ná fuil ionam ach labhairt: laige agus fainne.

fannlocht: *f.3.* locht nách fiú biorán: easbhaidh beag. Fannlochtaidhe an domhain do gheibheann sí orm; griogann siad me: lochtaidhe nách fiú d'áireamh, a chiapas me.

fannscaoilte: *a.r.* lag, scartha, scaipighthe. Chuir bhur bhfuireann gráin orm, sibh scaipighthe ar fuaid na páirce gan treóir gan cur lé chéile.

fanntais: *b.2.* taom laige, treighid. Chuirfeadh sé i bhfanntaisidhibh gáiridhe thu bheith ag féachaint ar na geádhamaidhibh a bhí fé ar an árdán: laige gháiridhe. Bhí an seómra chómh palcuighthe sin lé daoinibh gur thuit sí i bhfanntais: d'imthigh lúth a géag. Tá sé tugtha d'fhanntaisidhibh do theacht air: taomanna laigidheachta go n-imthightheann brigh a nirt leó. Creid me leis agus me anáirde ar an bhfiadhchloich, an t-uisce ag éirghe orm a's gan buille snámha agam go rabhas i bhfanntaisidhibh: i ndraip chruadhchásaigh. Ní mór ná gur ghaibh fanntais me nuair chonnac aghaidh duine liocuighthe i gcoinnibh na fuinneóige i lár na hoidhche, thosnuigh mo chroidhe ag bualadh ar nós chroidhe an éin: laige.

fannughadh: *f.* (*-uighthe*) lagughadh, luigheadughadh nirt. Ó lá go lá tá sé ag fannughadh lé méid agus beirbhthean na breóidhteachta, ní mór go bhfuil ann an deoch d'iomchar: ag dul i laige. Fannughadh orm, nidh nách iongadh, bheith ar lagbhiadh i slighe a's ná rabhas fé dheóidh aon obair fheidhmeamhail do dhéanamh: éinirte.

fanta: *a.r.* stadta, staonta. Tá sé fanta ge baile ós na ráiseannaibh toisc ceal airgid do bheith air: stadta. Chuireas airgead ar an mbórd annsan ar maidin ach níl sé fanta ann, cé thóg é?: fágtha ann. Tháinig sé annso an-óg do a's tá sé fanta ann riamh ó shoin: curtha fé.

fánuighim: *b.a.* $_7$ *n-a.* cuirim i ngainne: scaipim ó chéile: teircighim. Fánuigheadh na daoine le linn na gorta lé hocras agus anbhroid gur luigheaduigheadh a líon breis agus dhá mhilliún: scaipeadh iad. D'fhánuigh fiolair san áit gur gheall le hiongtas ceann aca d'fheicsint in ao'chor: chuadhadar i ngainne. Is annamh do chídhim aon mhada ruadh, cad d'fhánuigh iad?: cad luigheaduigh a líon. Fánuighidh go n-imthighidh an tóir: scaradh ó chéile. Nuair chídhimís sagart, póilín nó an máighistir ag teacht, sinne garsúin, d'fhánuighimís: d'imthighimís linn féin chun ná feicfí sinn: scaipimís. Fánóchaidh na ceathanna san i rith an lae, ní bheidh sé síorfhliuch: ní bheidh chómh tiugh.

fánughadh: *f. -uighthe*, scaipeadh, gainne, luigheadughadh, teirciughadh. Tá an lá ag éirghe, tá fánughadh ag dul ar na ceathannaibh: nílid ag teacht chómh tiugh ná chómh trom. Ní beirtear ar aon scadán san áit sin pé fánughadh atá dulta ortha: scaipeadh nó luigheadughadh. Fánughadh ort!: go n-imthighir i bhfad i gcéin. In árd an tráthnóna siar

bhí na daoine ag fánughadh ón sráid: ag imtheacht aiste. Cad é an fánughadh atá dulta ar do chuid airgid ná fuil feóirling ruadh agat tréis na "leaga liatha" do bheith agat: scaipeadh. Ar feadh an lae ar fad ní dheaghaidh aon fhánughadh ar na piléir do bhíodar ag caitheamh go fiadhain, láidir ón dá thaobh: aon mhaolughadh: urchar anois agus urchar airís. Raghaidh san i bhfeabhas fós ós na fanntaisidhibh sin, táid ag fánughadh go mór air: ní thagaid chómh minic.

faobhar: *f.1.* fuadar, bruitheamh: an taobh géar d'úirlis ghearrtha, bruach, scéimh, ciumhais, fáithim, buinne: teasaidheacht, lúth, tapa. Bhí sé ag líonadh na gciotaidhe go rabhadar faobhar le faobhar: go béal. D'fhóbair don mbád súngcáil nuair tháinig an ólaidhe uirthe bhí an oiread san éisc innte go raibh sí faobhar le faobhar: an t-uisce ag faire ar theacht isteach innte. Fan amach ó fhaobhar na haille ar eagla go stroillfea agus gur síos leat: scéimh, bruach: ciumhais áite géire. Shiubhal sé leis faobhar na habhann soir: ar a bruach. "Ní fada ón abhainn a faobhar" (rádh): port: .i. an lá tráchtar ar a faobhar ní fiú gan trácht uirthe féin. Chaitheadh sé an lá a's a ghuala aige lé faobhar an dorais: taobh: ursa. Maran b'é am duit teacht é, faobhar lae a's oidhche an amhascarnach: cómhrac an lae agus na hoidhche. Fan i bhfaobhar na taoide, tá sé róchonntabharthach dul isteach innte: 'n-a ciumhais. Beir ar an meilit rásúrach san, an bhfuil aon fhaobhar agat?: an bhfuil ealadha curtha faobhair agat? Cuir uait an faobhar: beir fada air: ná bíodh an oiread fotharaga ort. Bheárrfadh sí anois "luch 'n-a chodladh" dhuit lé faobhar nimhe: í chómh géar san as a béal. Bíonn faobhar nimhe fúithe ag gabháil tríd an uisce, tá inneall chómh cómhachtach san uirthe: siubhal thar na beartaibh. Cuir faobhar ort féin chuige, ná ciúnuigheadh sé chómh bog san tu: cuir cuthag ort féin: cuma throda. Ar an bhfaobhar atá fút tá rud éigin i dtreis agat: ar an gclódh gnímh atá ort tá rud éigin fút do dhéanamh nó ag déanamh mearbhaill duit. Ar labhairt do bhí faobhar ar gach focal aige: treise agus dáiríre: théigheadh gach focal leis abhaile. As an argóint dóibh níor bh'fhada go raibh "gach focal ar fhaobhar a's ar fhulang" aca: ag tabhairt gach re seadh dá chéile go colgach. Cuir faobhar ar do ghuth chuige más maith leat eagla do chur amach: labhair níos tinne agus níos bagartha. "Cloch ar a faobhar ní saor do chuirfeadh": ar a ciumhais: 'n-a seasamh. Bainfidh sí amach a cuid talmhaintidhe le faobhar: le neart airm. D'éirgheas le faobhar an lae díreach agus an liath ag imtheacht den dtalamh: an lá ag breith 'n-a mháighistir ar an oidhche. Seachain faobhar an bhóthair: an gruadh (gruadh na díge). Seachain an chloch fhaobhair tá sí leóchaileach: an chloch a thugas béal géar ar úirlis. Faic níor itheas ó mhaidin tá faobhar ocrais orm: guilm chun bídh. Faobhar ocrach an ghoile: an fonn mór chun ithte: guilm. "Cuir faobhar ar an sciain chuige" .i. bagair air. D'aithneófá ar fhéachaint ar an bhfaobhar a bhí 'n-a shúilibh, go saoraidh Dia sinn, go raibh rud éigin ar an inchinn aige: an "seasamh" a bhí ionta: iad ag dul amach as a cheann lé sceón. An faobhar carraig nó guala ghéar chnuic. "An faobhar mór": carraig ameasc na mblascaodaidhe. "Bun an fhaobhair", ainm guala cnuic in aice Abha an Scáil. Chonnac go soiléir é i bhfaobhar an chnuic idir me agus an spéir: i bhfíor-íodh an chnuic. Is mithid an faobhar do thabhairt don arbhar so, tá sé ag sileadh: é do ghearradh. Tabhair an faobhar ar an dtéid: tapaidh! gearr (gearraidh í!). Cad n-a thaobh an faobhar ort chugham-sa?: an déine im choinnibh-se. Leigfead do féin ní maith liom bheith fé fhaobhar a theangan: ionnsaidhe a bhéil. Ón lá rugadh é tá faobhar air: ní dheineann sos ach ag cruadhobair. D'imthigh an speal ó fhaobhar: d'imthigh géire a gearrtha. Imthigheadh an faobhar díot: maoluigh (t'iarrachtaidhe): ní gábhadh an greithileán go léir. An bhfuil an

coirce chun faobhair fós?: oireamhnach lé baint. Tá faobhar chun bóthair anois ort: is fada leat go mbír bailighthe leat. Cainnt gan faobhar go breágh, bog, réidh, marbh: neamhbhríoghmhar. Ag itheadh lé faobhar: go mear, tapaidh, goileamhail. Chuireas faobhar ar mo chluais d'fhéachaint an gcloisfinn aonnidh: "chocálas" mo chluas. Uisce shéithleáin na sráide ag scéidheachtaint den gcloich fhaobhair: an chloch a bhíos 'n-a seasamh leis an dtaobh amuigh den bpáibhle. Bíodh faobhar ort a's ní bheir i bhfad: gothadh siubhail (oibre etc.): cuma an ghnótha. Nuair chídhim an fheóil bhreágh, mhaoith sin tagann faobhar ar m'fhiacalaibh chúiche: mian a hithte orm.

faobhar-chruaidh: *a.* géar. Carraigeacha faobhar-chruaidhe lán de mheiscridhibh a ghearrfadh tu chómh tapaidh a's dhéanfadh rásúr: géara: bioranta. Bréithre faobhar-chruaidhe i gcoinnibh a chéile ar chraolachán Shasana a's na Gearmáine gach tráth den ló: binb a's gearradh aca dhá thabhairt dá chéile.

faobhrach: *a.* géar, dian, fonnmhar, guilmeach, feargach, searbh, tur, cáiseach, íogair. Seán ag gluaiseacht go faobhrach d'iarraidh beartha ar an dtraen: go tapaidh, imshníomhach. Scian fhaobhrach a scoiltfeadh an ruibe!: nimh lé géire uirthe. Teanga fhaobhrach nár mhaith liom a tharrac orm, ghoineadh a gach focal thu: géar, gearrthach. B'fhaobhraighe go mór é chun oibre i dtosach ná anois, d'imthigh smut den réim de: b'fhonnmhaire a's b'imshníomhaighe é. Níor ghábhadh dho bheith leath chómh faobhrach chun an tsaoghail, bhéarfadh sé a chosa chómh maith leis a's gan ceann do bheith dhá thógaint ag an saoghal de lé sainnt chuige: duadh a's iomard an tsaoghail dhá chur aige air féin. Ar dhul isteach dom fuaireas ag scríobh go faobhrach é toisc é bheith in iarraga, ní mór go dtabharfadh sé eaga dho féin féachaint tharais: go broideamhail. Rámhuighimis go faobhrach i gcoinnibh na taoide: go láidir, tailc. Labhair sé go faobhrach leis ghá bhagairt air deireadh a's tosach do bheith aige teacht i ngoire a thighe féin: lé caise: go dúluighthe. Labharfainn níos faobhraighe leis, ach nár mhaith liom é do ghortughadh: níos seirbhe. Thug sé freagra faobhrach orm, uaireadóir do bheith agam féin a's gan bheith ag brath ar aonne eile chun a innsint dom: géar: grod. Fear fuinneamhail, faobhrach gur deacair a chosc ar an nidh do chuireann roimis: fonnmhar: lán d'inntin rud do dhéanamh.

faobhramhail: *a.* géar, cruaidh, fuadaramhail. Sid iad na sceana is faobhramhla ar an margadh, bhearrfaidís thú!: is géire chun gearrtha. Is faobhramhla ar an mbóthar do chapall-sa: is mire: is deallramhtaighe chun siubhail. Dhá shúil fhaobhramhla istigh 'n-a cheann go gcúbfá rómpa lé fainne misnigh: tolltach: géar: bioranta. Is faobhramhla go mór ag dul 'on bhaile mhór é 'ná ag filleadh: is mó an fonn a bhíos air: is neamhleisceamhla. Ná fuil teanga fhaobhramhail do dhóthain agat féin chun freagartha do thabhairt air a's gan bheith ag brath orm-sa: géar, mear, tapaidh. Itheann sé go faobhramhail, is ait liom faic do bheith air: lé guilm: go mear, blasta. Bheadh an tuagh so níos faobhramhla ach í do chur ar an liathbhró: béal níos tanaidhe agus níos géire uirthe.

faobhruighim: (**faobharuighim**) *b.a.* géaruighim úirlis, cuirim faobhar ar: brostuighim. Faobhruigh thu féin, táir árd-mhall: deifrigh: brostuigh. Cainnteóir maith dob eadh é mara mbeadh go bhfaobhruigheann sé gach focal: cuireann goimh air: bíonn breis agus an iomad gotha fé n-a úrlabhra. Bualadh na farraige ar na carraigeachaibh a fhaobhruigheann

iad: do thugann barra géar, caol ortha a's a líonann de mhéiscridhibh iad. Ná faobhruigh a thuilleadh me nó is baoghalach go ndéanfad rud éigin as an slighe: ná spriog fúm. Cé fhaobhruigh chun an tighe do dhóghadh thu?: cé chorruigh chómh mór san?: cé ghríosuigh? Faobhruigh t'fhiacla chun an bhídh: tagadh fonn maith ithte ort. Faobhruigh do scian: ní gheárrfadh sí ím!: cuir faobhar uirthe.

faobhruighthe: *a.r.* géaruighthe, líomuighthe. Beir leat go bhfuilim faobhruighthe chun gnímh anois a's nách rud beag a stadfaidh me: réidh glan, spriogtha, gríosuighthe. Ag dearcadh orm 'sa shúile faobhruighthe aige d'iarraidh eagla do chur orm: géaruighthe: féachaint ná raibh mín ná tláith ionta aige. Airm fhaobhruighthe: slighe a's faobhar ortha. Is maith an té ná scannróchadh sé nuair bheadh na súile fiadhaine sin faobhruighthe air: dírighthe.

faoibín: *f.4.* suaimhneas, réachúise, leibéis, neamhchúram, craodó. Ag imtheacht le n-a fhaoibín sin mar chaitheann sé a shaoghal, gan suim i ngnóth ná i gcúram: ag imtheacht lé n-a phoc: gan áird aige ar faic a mhaireas ach ar dhíomhaointeas. Faic ní bhfaghair sa tigh seo, imthigh léd fhaoibín: bailbh leat pé áit is mian leat é. Ní tháinig aon chapall riamh treasna i rás air ná gur bhuaidh sé air go faoibín: "lán a shaic": go neamhspleádhach. Ar a laetheantaibh saoire dho an aimsir seo tá sé ar a fhaoibín chómh díomhaoin lé bacach a chaithfeadh a mhála dhe: scurtha, díomhaoin. Na ba ag faoibín leis an mbrothall: ag imtheacht le fiardamhnaigh: gur deacair a gcosc ar rith. Fód móna níl sa tigh, tá an t-asal, a bhéarfadh abhaile, imthighthe ag faoibín do féin: mar is toil leis. Thuas cois na teine dho gan mairg sa tsaoghal ag sughrac a sheanphípe ar a faoibín do féin: ar a chraodó: suaimhneas. Déanfad-sa é sin go faoibín agus fáilte: gan mhairg, gan aon duadh. Na ba ar a bhfaoibín lá aoibhinn gréine ag cogaint a gcíorach: go suaimhneasach, sámh, socair. Tusa ag faoibín a's mise ag obair duit: gan do shuim ná áird in aon rud. Chroith a earball a's d'imthigh uaim ag faoibín: gan tor orm.

faoibínteacht: *b.3.* scraistidheacht, fánaidheacht. Uair na hoibre uair na faoibínteachta agat-sa: ní bhíonn aon am ceart díomhaointis agat ach an t-am is gnóthaighe. Más dóigh leat go gcothóchaidh faoibínteacht thu is breágh í t'aigne: is sochma an duine thu más dóigh leat ná fuil faic lé déanamh agat ach scraistidheacht. Níl ann ach faoibínteacht bheith ag dul ag iascach mar ná fuil an t-iasc ann: caitheamh aimsire go díomhaoin.

faoibún: *f.1.* an ceann nó an duine deiridh. Mhuise, nár chaillimíd thu, n'fheacamair riamh thu ach it fhaoibún i ndiaidh na coda eile: ar deireadh ar fad: ar an earball thiar. An lá tréis an aonaigh ag teacht agat é, a fhaoibúin, nuair tá gach aonne eile sásta a's gan faic id chóir-se: leadaránaidhe. Buaidhfidh faoibún Éireann (seanbhlas): fágálach: cnúbhálaidhe: an té is moille is féidir.

faoidh: *b.2.* béic, éigheamh, gáir mhagaidh, glaodh. Leig faoidh fé a's bainfir a mheabhair de: leig béic air "bú"! Chualamair faoidh a's bhí a fhios againn ar an dtoirt gur duine éigin i ngéibhinn a leig í ar a ghéire a bhí sí: glór árd gotha: éigheamh cabhartha. Leig faoidh ar an madra tá sé ródhian ar an ainmhidhe: glaoidh air. Ná leig faoidh ná fead air: ná cuir aon chosc air. Budh bhreágh í a fhaoidh, chloisfeá uait ag amhrán ar thaobh an chnuic é: a ghuth cantain.

faoidheamh: *f.1.* glam, glaodh chun feirge do chur. "Faoidheamh! faoidheamh! faoidheamh!" a héightear chun feirge do chur ar dhuine: gáir mhaoidhte lé linn buaidhte: gáir cháinte nó ghríosuighthe ar dhuine (dhaoinibh) go mbuaidhtear air. Leig sé faoidheamh fúm: gáir fonmhóide. Is iomdha faoidheamh a deineadh dom an lá bhuadhas an rás agus fé an té gur buadhadh air: ar mo shon...'n-a choinnibh. Chuala an faoidheamh ar an madra: duine ghá thafant in árd a ghotha. An túisce chuala an faoidheamh im dhiaidh chasas ar mo sháil d'fhéachaint cad a bhí i dtreis: an glaodh.

faoidhim: *b. n-a.* béicim, glaodhaim. Faoidh ar an madra san, tá sé ag traochadh na gcaorach: béic air stad. Faoidh air d'fhéachaint an gcloisfeadh sé thu: leig scread nó béic os árd air. Faoidheann an fear so fúm ar chúinne na sráide gach uair do ghaibhim tharais: leigeann sé glaodh as fúm chun caoraidheachta na ndaoine do tharrac orm.

faoidhreach: *b.2.* béiceach mar bheadh ar pháirc peile lé linn báire do ghnóthughadh, nó ag déanamh magaidh, ag foillsiughadh míothaithnimh do dhuine: glaodhach cabhartha: béiceach mar lucht meisce. Chualamair an fhaoidhreach siar tharainn fén bhfarraige agus d'aithnigheamair ar a geóin go raibh duine éigin i gconntabhairt: an glaodhach árd, cómhnaidhtheach. Faoidhreach an domhain a bhí an bóthar adtuaidh i lár na hoidhche – na hóga ag teacht ón rinnce, is dócha: screadach a's béiceach. Thógfadh an fhaoidhreach an clár ded cheann a scuab ó cheann ceann na páirce nuair ghnóthuigh an fhuireann eile báire a chuir comhthrom iad: an bhéiceach lúthgháireach. Ní túisce tháinig sé go faobhar an árdáin ná d'árduigh graimisc na sráide faoidhreach fé, ná féadfá focal do chur i bhfighis ar aonne aice agus a scoiltfeadh do cheann: béiceach chun a óráide do mhúchadh. An ag faoidhrigh fúm-sa atáir? mar más eadh b'fhéidir go dtiocfadh sí chun goil duit!: screadach mhagaidh. B'fhuraiste aithint ar an bhfaoidhrigh a bhí aca go rabhadar as an slighe: ar an mbéicigh gan bhun go raibh braon sa mbreis caithte aca. Lucht faoidhrighe: magaidh.

faoidhthireacht: *b.3.* béiceach mhagaidh, mhaoidhte nó dhúbhshláin. Chrom sé ag faoidhthireacht ó bhun an ghuirt fén dtreabhadh do bhíos a dhéanamh: ag glaodhach ós árd go magamhail, fonmhóideach. Chromas ar fhaoidhthireacht air go dtiocfadh a's go dtabharfainn marcaidheacht do: ag glaodhach chómh hárd agus bhí ionam. Dá mbeimís ag faoidhthireacht ó shoin as an mbád ar an mada ruadh sa bhfaill ní chorróchadh sé, is maith an fios a bhí aige nár bhaoghal do: ag béiceach 'sag déanamh glóir gotha. A's iad ag gabháil amach tharainn seadh chloisfeá an fhaoidhthireacht aca fúinn: an gleódh gotha i magadh. É ag faoidhthireacht fúm teacht amach chun a chómhraic: ghom ghríosadh lé huaill a's gleódh.

faoil-árd: *f.1.* uachtar an droma idir an dá shlinneán. Árduigh an t-ualach sa bhfaoil-árd air, seadh is comhthromamhla dho a iomchar: ar an stuaghleirg.

faoileáil: *b.3.* geádhanna, geámaidhe, do ghabháil tímcheall, suirgheacht. Cé gur chaitheadar na bliadhanta ag faoileáil ar a chéile níor phósadar riamh: ag suirgheacht. Bím ag faoileáil ar an nDaingean: tabhairt turusa go mion minic air. Cuir uait do chuid faoileála agus dein rud éigin: ag siubhal tímcheall go díomhaoin. Tá faoileáil éigin

tímcheall an tighe ar an mbleachtaire sin: rud éigin i dtreis aige a's é do bheith ag gabháil tímcheall a's a aire aige ar an dtigh. Ag faoileáil is mó chaitheann sé a shaoghal: ag gabháil ó áit go háit gan faic dhá dhéanamh aige. Beir ag faoileáil a's ag faoileáil anois go leagfair an peictiúir sin: ag imtheacht tímcheall go hathchomair do. Tréis na faoileála go léir féach cad tá dá barr aige – faic!: tréis na gcleas a's na n-iarracht nglioc. Thugas an lá ag faoileáil ar fuaid na sráide: ag gabháil thart gan aon chúram orm. Bhí "Pilib an gheitire" ag faoileáil tímcheall na coinnle gur dhóghaidh sé é féin: ag eiteall tímcheall gan stad gan lagadh.

faoileann: *b.2.* éan farraige. Snámhann an bád mar an fhaoileann: chómh líomhtha san. "Ní haon mhoill an fhaoileann" (rádh) .i. cómhartha beatha éisc do bheith ar barr uisce. Cluiche faoileann, a's ní túisce an bheatha ann ná tagann na faoilinn (faoileáin). Chonnac é a's faoileann lé n-a chois: cáilín slím. Grogaire faoilinne: an gearrcach. Faoileann dhroma duibhe (duibh): go mbíonn a drom a's drom na sciathán dubh .i. caobach. Scaoil sé uaidh ar nós na faoilinne: rinne sé a shalachar go hobann, tapaidh. An bhfeacaís an tslighe d'alp sé feóil? tá slogadh na faoilinne aige: craos mór ná fanann lé cogaint. D'imthigh an biadh tríd ar nós na faoilinne: gan aon deighleáil.

faoileannda: *a. n-dh.* líomhtha, niamhair lé dearcadh air, lonnrach, gealdheallramhtach. Gluaiseann an nadhbhóg san go faoileannda fé sheól: líomhtha, taithneamhach le n-amharc. Nách breágh an bhean í sin? nách faoileannda an chuma atá uirthe?: nách taithneamhach leis an súil í?

faoiseamh: *f.1.* sos, lagachar péine, cosaint, coimirce. Chaith sé an oidhche ar fad ag gearán 'sag béicigh lé tinneas a's pian gan aon fhaoiseamh d'fhaghail: sos, fuascailt: maolughadh ar a bhuadhairt. Go dtugaidh Dia faoiseamh d'Éirinn: go gcuiridh Sé deireadh lé n-a buaidhreamh. "Connus tá an duine breóidhte indiugh?" – "tá breis faoisimh aige, chodail sé smut den oidhche": lagachar ar a ghearántaibh. Tabhair faoiseamh dhá lae dhom agus geallaim go mbeidh do chuid agam duit: eaga. An dtagann aon fhaoiseamh ort ach ag déanamh gliogaire dhíot féin ar an gcuma san?: aon tsos: staonadh: aitreamh suaimhnis. Raghad-sa ag déanamh uanaidheachta ort, bíodh faoiseamh agat: sos ón rud atá ar lámhaibh agat. An fada ar faoiseamh annsan duit?: cad air go bhfuilir ag faire?: ar gárda. Is mór an faoiseamh dom tú do theacht chun cuideachtan do choimeád dom, bhíos an-uaigneach: an fhuascailt: an chúis áthais. An faoiseamh ar mo bhochtanacht-sa do shaidhbhreas-sa?: fuascailt: maitheas dom. Cuireadh ceiridhe leis atá ag tabhairt faoisimh do: maolughadh ar an bpian.

faoiste fáiste: (**faoisteó fáisteó**) *f.* fastaoim: rud gan tábhacht. Chuala go rabhais ar tí na háite do cheannach, ach níor dheineas de ach faoiste fáiste mar cheapas ná raibh an t-airgead agat: nidh gan aon deallramh fírinneach. Faoiste fáiste éigin ar siubhal i gcómhnaidhe: cainnt a's lúdráil ná bíonn aon bhun leis. Faoiste fáiste oibre seadh bheith ag cur phrátaidhe sa Mheitheamh: obair gan chiall. An deamhan focal den bhfaoiste fáiste teangan san do thuigim, taidhbhsigheann sí dhom mar bheadh scata géadhanna: teanga nách féidir liom aon bhrigh do bhaint aiste. Faoiste fáiste, nidh nách iongadh, don Lochlainn Fhinn do bheith ag dul ag troid leis an Rúis: fastaoim: rud ná tiocfaidh aon tur

ar fóghnamh dóibh as. Faoiste fáiste pinn é seo ní scríobhfadh sé focal: peann gan aon tairbhe: níl ann ach droichleathscéal.

faoistin: *b.2.* (**faoisdin, faoistine**) peacaidhe d'innsint do shagart; Sácramaint na hAithrighe, lochta nó cortha d'admháilt. Cúrsaidhe faoistine dhuit drochsmaointe do bheith dhá dhéanamh dhuit: is gábhadh iad d'innsint lé haghaidh maitheamhnachais. Tréis bheith ghá chonnstrabháil go dian ar feadh na hoidhche ges na póilínidhibh a's é dhá thraochadh aca i dtaobh an mharbhtha dhein sé faoistin ghlan: d'admhuigh sé an bhaint a bhí aige leis. Rinneas faoistin bheatha: d'innseas mo chortha, mo lochtaidhe a's mo pheacaidhe faid siar agus tá cuimhne agam ortha. D'fhógair an sagart go mbeadh suidhe faoistine ar an mbaile againn: tigh nó áit áirighthe go mbeifí ag éisteach faoistine. Thug an sagart faoistin agus comaoin dom: d'éist sé mo pheacaidhe agus ghlacas an Corp Naomhtha uaidh. Déanfad faoistin ghlan leat, ní raibh lámh ná ladhar agam ann: an fhírinne iomlán gan chor gan chlaon. An sagart ag éisteacht faoistine: ag clos peacaidhe an aithrighigh. An fhaoistin sraoth cheart an choguais: an bealach go dtagann smaointe uaigneacha an chroidhe tríthe. Caitheann siad an lá "ag faoistin lé chéile" cois na gclathach: ag comhchainnt: ag trácht eatartha féin ar a gcúrsaidhibh discréideacha. Dheineas m'fhaoistin lé Dia na Glóire nuair chonnac me féin i gconntabhairt: in aon nóimint amháin d'admhuigheas mo chortha agus tháinig brón agus scannradh orm 'n-a dtaobh.

faoithean: *f.1.* dul fé na gréine, luighe gréine. Ó mhaidin go faoithean ní théigheann lagadh air ach ag gol 'sag béicigh, an siota beag: ar feadh an lae uile.

faoitín: *f.4.* iasc mara go bhfuil gaol aige leis an dtorasc. Biadh maith do dhuine bhreóidhte faoitín.

faolchú: *b.5.* (*-chon*) machtíre, madar alla. Bhíodh faolchoin go flúirseach ann. Stracfadh san cliathán áthraigh as a chéile tá fiacla faolchon aige. Táir anois ar nós na faolchon gan fiacail: gan aon díoghbháil ann. Seal bhí faolchoin chatha againn agus is minic do thugadar uatha é: saighdiúiridhe ródha.

faon: *a.* lag, fann, lagbhrigheach, claoidhte, ciúin, traochta, ar sileadh, ar slinn. Mo chuid sínte go faon in uaigh: marbh: gan bhrigh. Im luighe go faon gan dochtúir ná liagh chun foirithinte do dhéanamh orm: gan tapa. Beidh na tíortha cogaidh faon den troid sara stadaid, is furaiste "breith ar earball" ortha: claoidhte, tnáidhte, tugtha. Cuisle faon atá aige, ní maith an cómhartha liom air é: an-lag: mall: meirbh. Tréis chúig lá i mbád béaloscailte ar bhriosca a's dheóir uisce bhíodar chómh faon san ar sroichstint talmhan ná féadfaidís seasamh: lagbhrigheach: cnaoidhte. Sínte go breágh dhom féin ar faon mo dhroma ar an ngainimh a's boladh an tsáile im choinnin: ar fleasc mo dhroma. A dlaoithe léi go slaodach, faon: ar sileadh 'n-a tháthannaibh troma. A thruagh é go mbeidh sé lá go faon: marbh: go tréith: gan aon chómhrac. Is faon an bheart duit dul chun cinn lé scata aca san; ná fuilid rómhaith dhuit: ait, amadántamhail. Iarrachtaidhe faona ar aonnidh cóir do dhéanamh do bhí aige, mar ná raibh an neart ann ná an taithighe aige: laga.

faonchongantach: *a.* lag fé chabhair nó i gcabhair. Beir go faonchongantach anois ó imthigh do chlann uait: gan chabhair oibre. B'fhearr(a) dhuit uait é 'ná ag cabhradh leat, mar siúd é an cladhaire faonchongantach: nách mian leis cóngamh do thabhairt.

faonlag: *a.* an-lag, an-neambríoghmhar: ar sileadh go slaodach. Faonlag ar a leabaidh gan éirghe os a chionn is baoghalach: lag, tugtha. Tuige ná braithfinn faonlag a's me cheithre lá dhéag gan bhiadh?: bhí na cosa ag lúbarnaigh fúm agus mo chroidhe ag imtheacht: lag agus gan aon bhrigh chun corruighthe.

faonlaige: *b.4.* laige rómhór, neambrigh. Faonlaige na ndaoine chuirfeadh maoithneachas ort, lé faid do bhíodar fé ghorta ag siolagar: laige ó bheith rófhada gan a dtómas ceart bídh. Tiocfair ón "ngal" so, ní haon fhaonlaige í seo: laige mhór de dheascaibh drochúsáide nó olcas bídh nó breóidhtighe fhada.

faosach: (**faoiseach**) *a.* maithteach, tláith, séimh, foidhneach. Bí faosach leis, tá sé óg fós, tiocfaidh ciall do: géill do: bí séimh leis. Cá maith dhom bheith faosach leat-sa a's go ndéanfá an t-olc céadna ambáireach airís orm?: maithteach: séimh.

fara: *r.fh.* i dteannta, i bhfochair, seachas. Fan farainn go lá: sa tigh againn. Tá fiabhras air agus farais sin drochchroidhe aige: seachas san, 'n-a fhochair sin. Budh bheag fara deich scillinge do bhí agam as mo dheich bpúint, tréis mo thurusa 'on chathair: breis bheag. "An bhfuil sé in aois an tseantáille fós?" – "tá agus breis, cé nach mór farais": 'n-a theannta. "Dia linn, a chroidhe, nách cráidhte an saoghal é" – "Dia farais sin linn": sin mar ghuidhim-se leis. Codail fara Shéamais: in aon leabaidh leis. Chaith sé seal farainn indé: 'n-ár gcuideachtain. "An bhfaghfá buachaill maith aimsire dhom?" – "níl a lithéid farainn": 'n-ár gceanntar-ne. Ní fhanfadh sé faram ar aon rud: im fhochair: agam: in aice liom.

faraire: *f.4.* duine cródha, saighdiúir calma, fairitheóir. "Sláinte ó chroidhe le fonn/ chun gach faraire modhamhail a leanfadh sinn/ a's d'fhanfadh 'n-a shuidhe a's 'n-a mheabhair/ go bhfeiceadh sé bonn an bharaille etc." (amhrán): scriosaire: fear rábach, scléipeach. Ar ár dtaobh-ne tá farairidhe ná tabharfadh a gcúl d'aon dream: fir chruaidhe, láidre, mhisneamhla, chródha. Faraire glic é sin a cheannóchadh a's a dhíolfadh ar aonach ar mhargadh mise agus tusa faram: barránach a théigheas i leith a nirt chun boba do bhualadh ar dhuine. Bí-se it fharaire ar an ndoras san agus bead-sa im fharaire ar an doras so, ná leigimís aonne tharainn gan a fhógairt: fairitheóir: gárda: fear fartha. Is mithid do san anois go deimhin bheith 'n-a fharaire fir: 'n-a fhear mhór, acfuinneach. Farairidhe a theastuigheann chun catha go mbeidh fulang agus troid ionta a's ní "smithiridhe báis": saighdiúiridhe cearta, cródha a's ní básáin bheaga. Is breágh leat bualadh fén stráid im chásóig mhóir-se ag déanamh faraire dhíot féin: buachaill breágh go mbeadh gach aonne 'ot bhreithniughadh.

fardoras: *f.1.* cloch nó adhmad treasna os chionn dorais, fuinneóige nó aon fhoscailt eile saoirse chun na tógála os a chionn d'iomchar.

farradh: *f.1.* giorracht, athchomaireacht, fochair. Cé tá it fharradh?: led chois: in aonfheacht leat. 'n-a fharradh san tá dachad púnt fiach agam ort: farais sin, 'n-a theannta san. Fan i bhfarradh an tighe faid bhead amuigh: ag tabhairt aire dho. B'ait liom bheith san áit iargcúlta, uaignigh gan neach im fharradh: im fhochair. Cé bhí farradh leat ag teacht?: id chuideachtain. I bhfarradh a's mar bhí sé bacach, dearóil, tháinig éagcruas air: i dteannta an uile bhuaidhrimh. Níl faic sa tsaoghal so i bhfarradh airgid: níl aon rud is féidir do chur i gcómhnáird leis. D'fhan sé i bhfarradh an duine bhreóidhte: 'n-a fhochair ghá aire. "Mise i bhfarradh na saoithe ag ól fíona ar bórd": 'n-a gcómhluadar. Dá bhfanaidís i bhfarradh na talmhan isteach ní bheadh an ghaoth chómh dian ortha: buailte suas leis an dtalamh.

fás: *f.1.* méadughadh i dtoirt mar planndaidhe nó ainmhidhthe: teacht chun aoise iomláine: ag teacht chun foirbhtheachta; ascna, eascar, méadughadh nó fairsingiughadh i líon ruda, 'n-a mhinicighe nó 'n-a fhóirleathantas, toradh, saothar: cnapán ar chorp nó ar rud beó. Go gcothuighidh Dia dhuit é, is breágh an fás tú: duine atá mór, groidhe. Ní dhéanfaidh sé fear mór choidhche níl an fás fé: an méadughadh, an borradh, an teacht chun scrothaidheachta iomláine. Fás mall seadh é, níor mhór dó breis leasuighthe: toradh nó plannda ná fuil a mhéid nádúrdha ag teacht ann. Cad is fiú aige sin púnt do chaitheamh, ná fuil sé (airgead) ag fás chuige: teacht isteach mar bheadh: airgead gan duadh tuillimh ar nós sochair bunshuime. Tháinig fás gránda thiar ar a mhuineál a's b'éigean don ndochtúir é do lannsáil: cnapán: siat. Beidh athfhás maith ar an ngort san, mar baineadh an síol féir luath air: an dara brat: an dara toradh féir in aon bhliadhain. Ó mo mhairg a's ní haon leanbh anois é, is fada ó fhás é: ó shroich sé a mhéid iomláin. Cuir fáiseanna ar bharr an chlaidhe sin a's nuair eascaróchaid maiseóchaid an áit: planndaidhe. Bíonn fás gach uile shaghas sa ghairdín aca: planndaidhe, glasraidhe, meacain etc. Dubhart leis stad agus leigeant dom, ach is ag fás orm do bhí sé: ag méadughadh ar a bhuile, a ionnsaidhe. Is maith d'éirigh an fás leis, tá sé os chionn sé troighthe go maith: tháinig sé chun méid go héachtach. Beidh fás an pharóiste go léir ar an rinnce: ógánaigh. Nách iongtach mar tá sé ag méadughadh, tá "fás an éin ghé" fé: borradh a's méadughadh tapaidh. Bíonn thiar ar an té a thugas fás fada dá chuid féir: faillighe do thabhairt 'n-a ghearradh: faillighe i ngnóth. Fás aon oidhche: plannda inithte go gcois chaoil agus ceann liocuighthe cruinn, bán os a cionn, téadhearg fé 'n-a "leabharthaibh" beaga. Cad tá lé fás ambliadhna agat?: lé cur. As fhás an ghalair sa cheanntar cailleadh na céadta: a leathanughadh. Fás mór seadh crann. Is aoibhinn an fás gort cruithneachta aibidh. Beidh mórán talmhan fé fhás ambliadhna d'fhonn a's ná beifí ag brath ar an iomad beatha thar lear: curtha: saothruighthe. Bíonn fás in aimsir thais mar í seo: borrann planndaidhe etc. go mór. Beidh an teine ag fás chughainn, má bhíonn sí mall féin: ag cnádughadh: ag deargadh 'sag lasadh. I bhfás mo bheathaidh is iomdha iomard do bhuail me: i rith na haimsire bhíos ag éirghe suas. An chun fáis nó chun ithte na prátaidhe sin?: le cur i dtalamh chun síl. Is fíorbheagán atá ag fás agam: curtha chun beathaidh do bhaint as. Nílim i ndán corruighe lé hingne fáis: na pianta a thagas lé linn do dhuine bheith ag eascar i gcorp. Na droichbhéasa bhíodh aige, ag cur stailce 'sag speachadh, tá sé ag fás asta: dhá gcaitheamh uaidh. Táim ag fás thart, féach is aoirde me 'ná thu: is mó go mór an bhreis atá ag teacht orm-sa. "Ar mh'anam go bhfuil sé ag fás" – "tá, mhuis, ag fás treasna!" (magadh): com mór ag teacht do i gcómhnáird a aoirde. "Fuilngidh dóibh araon fás go dtí an fóghmhar, agus in aimsir an fhóghmhair déarfaidh mise lém lucht buana,

cruinnighidh ar dtúis an cogal agus ceanglaidh é 'n-a phunannaibh do chun a loiscighthe agus cruinnighidh an chruithneacht dom scioból" (Matha XIII. 30). "Do bheir sé ar an bhféar fás don áirnéis agus an luibh chun maitheasa an duine, chun aráin do thabhairt amach as an dtalamh" (Sailm CIV. 14).

fás: *a.* follamh, fuar, faon, gan feidhm. Bhí a shúil go bhfaghadh sé a chuid airgid 'n-a phóca mar ar chuir sé an oidhche roime sin é, ach is é a bhí go follamh fás!: fuar follamh: gan feóirling ann. Caitheadh fiche urchar fáis liom, aon cheann aca a bhuailfeadh me bhíos marbh aige: urchair gan feidhm. Siar fé fhás na farraige: leathantas áidhbhéil.

fásach: *f.1.* réadh gan toradh, díthreabh, fearann fiadhain, mínleach, talamh féaránaigh: féaránach, áit thréigthe fhollamh. Is cuimhin liom tráth dem shaoghal, a's nách dealbh droichmheastamhail do bhíos ná faghainn faic ar mo cháirde, siopaidhthe an bhaile mhóir 'n-a ndearg-fhásaigh orm: gan rud lé fagháil agam ionta. D'imthigh an talamh 'n-a dhearg-fhásaigh ceal a shaothruighthe: chun fiadhantais: gairbheacht a's fiadhaile. Mara dtugair aire dhod ghnóth agus faobhar oibre do chur ort féin imtheóchaidh sé 'n-a fhásaigh ort: beidh an oiread san cruachta suas rómhat ná féadfair a fhritheáilt. Fén bhfásaigh leat!: amach fén mbán fairsing: bailbh leat as mo radharc! "Ag seóladh na ngamhan fén bhfásaigh" (amhrán): ar an bhféarach. Is geairrid an mhoill ortha bláthas (blás) feóla do theacht ortha ar an dtalamh úd, mar tá fásach aca ann: saill (féar fada, saidhbhir). Is fada m'athair ag tabhairt an fhásaigh: an fhéir: san úir (chré): marbh. D'imthigh a raibh aca leis an bhfásaigh cheal aire agus fritheála: chun aindeise: lé fánaidh. Dhein na dubhchrónaigh fásach den mbaile, dhóghadar a's loisceadar é: mhilleadar é. Chúig uaire do deineadh fásach de Chorca Dhuibhne, is beag má bhí duine nó ainmhidhe ná toradh fágtha innte: bánuigheadh, scriosadh ó thóin ceann í. Léan air mar thalamh cad tá ann ach fásach gainimhe: talamh gan tairbhe.

fásaigh: *f.4.* d'fhásach, fiadhain, fiadhaileach, millte, 'n-a roilleach. Ní fada ná go mbeidh Teampall Dhuinnín 'n-a teampall fhásaigh mar ná beidh aonne san áit lé hadhlacadh ann, cá bhfuil na daoine?: go mbeidh an féar fásta lastuas de. Féar fásaigh seadh féar faille: féar fiadhain nách féidir a shábháil.

fásaim: *b. n-a.* méaduighim, breisighim, cruinnighim, borraim, eascraim. An treibh (treabh) ó n-ar fhásas níor bh'aon náire dhom iad: na daoine gur díobh me. Cá bhfásann an abha so?: cá n-éirigheann?: cá bhfuil a foinse. Ar ar fhás eadrainn lém chuimhne-se ní raibh an oiread measa ar neach eile: a tháinig ar an saoghal a's a mhair lé bheith mór. Fásann fearg air ar a luighead cúise: borrann sí ann: éirigheann fearg go mór ann. Ní fuláir nó fásann airgead chughat ar a gcaithir de a's a rádh ná fuilir bochtnuighthe fadó riamh: go dtagann chughat mar theacht isteach go flúirseach. Fásann a thuarasdal uair sa mhí: tagann isteach air. D'fhás sé sin ó threibh mhaith, budh dhual do bheith Gaedhealach: d'eascair sé. Fásann puchóididhe ar mo mhuineál: éirighid amach. Ní maith bheith ag gabháil de ní fhásfaidh aon chiall choidhche dho: ní thiocfaidh do. Cad fhásfadh de chéad phúnt sa bhannc sa mbliadhain?: cad é an bhreis a thiocfadh air. Ar an mborradh atá fé, fásfaidh sé go haer!: beidh sé an-árd ar fad. Fásfaidh buadhairt ar an áiteamh so: tiocfaidh buadhairt as. Fásfaidh an áit gan síol féir ná eile do chur ann: tiocfaidh scraith (uachtar) air.

fásamhail: *a.* ar aiste fáis, de mhianach fáis. Gort fásamhail é sin, is beag rud ná tabharfadh sé: mianach ceart fásta ann. Is fásamhla go mór aoileach buaile ná leasughadh siopa: is fearr a chuireas toradh. Tá Liam fásamhail go maith: mianach an eascair a's an mhéaduighthe ann. Is cuma cad é an gnóth nó cúram go gcuireadh a chuid airgid bhíodh sé fásamhail: thagadh sochar air.

fásán: *f.1.* slapar: buinne, caolach, beangán. Ag bailiughadh fásán chun teine: géagáin. Tabhair eaga dho, cad tá ann fós ach fásán garsúin: corránach: ógánach ag éirghe suas. Ní fada curtha an choill sin, níl innte ach fásáin: crainn óga.

fásánach: *f.1.* ógánach. Bhíos im fhásánach nuair chuadhas fé lámh easbuig, indiugh bheifí ag gáiridhe fúm ach go háirighthe téightear chómh hóg san fé: éirighthe suas go maith. Níor fhág fásánaigh an pharóiste ubhall sa ghairdín aige lé dúil ionta: ógánaigh.

fásbhrúchghail: *b.3.* fáscadh gaoithe as an ngoile. Baineann gal den luibh (tobac) an fhásbhrúchghail díom: an phléascarnach gaoithe tríd an scórnaigh. Tréis bídh bíonn fásbhrúchghail agus ní maith an cómhartha é: stealladh gaoithe aníos.

fasc: (**fásc**) *f.3.* ceangal, cuibhreach, feistiughadh, cosc, cosaint, scáth, loc, gabhann. Ar son Dé ná gaibh amach san éadach san gan fasc, gheóbhaidh an duibheacadh thríot gan tathnag cosanta. Éadach gan fasc puinn seadh é tá sí an-thanaidhe: gan cosaint ón sín. Cuirtear na caoire i bhfasc tar oidhche nó raghaid i bhfoghail ar na cómharsain: i loc: i gcoimeád: i ngabhann: clós cosanta. Tá eagla orm ná fuil aon fhasc agat go gcaithfir díol: aon chao ar éalódh nó ar thú féin do chosaint. In ainm Dé ná tairng chugham an fear san 'sa dheáibreacha, dhéanfadh a's déarfadh aonnidh, níl fasc aige: taimilt (splinc) chéille. Ó phós sé ní bhíonn oiread feádhanna ná bóithre fé, tá fasc anois air aice: cosc: staonadh. D'imthigh an fasc den mbeartán a's d'imthigh a raibh ann fén mbán!: an ceangal: cuibhreach. Cuirfead-sa fasc ar an dtigh sin ná beidh beann aige ar ghaoith ná bháistigh: feistiughadh: cóiriughadh cosanta. Níor fliuchadh rómhór me, luigheas isteach i bhfasc an chlaidhe: fuithin: scáth. Tair fém fhasc a's ní gábhadh dhuit faitchíos ná eagla bheith ort: fém bhrat: coimirce: cosaint. Fear fasca é sin ná fágann aon rud ar bóiléagar: fear go bhfuil feistiughadh ann. Sasana a's an Fhrainnc i bhfasc a chéile sa chogadh so i dtréanchabhair a chéile: i gcómhar: i gcuibhreach: ar aon taoibh. Ná fág an áit sin ar do chluais go mbí an uile rud i bhfasc a chéile agat: curtha lé chéile go feistighthe. Bailigheadh isteach sinn, scata fear, i mbothán stáin i bhfasc a chéile: teanntuighthe mar bheadh i bpóna. Táthaoi ann, a fheara, i bhfasc a chéile: in aon díorma amháin mar bheadh cuideachta. Beidh sé i bhfasc anois ar feadh tamaill, cuireadh chúig bhliadhna air: i bpríosún: i gcarcar. Cuir i bhfasc do phóca an t-airgead so: i gcoimeád. D'imthigh sé leis i bhfascaibh reatha: chómh mear a's ghluaisfeadh a chosa leis. Féach an tslighe atá a cuid leabhar i bhfasc a chéile aice, a's í féin piocuighthe, deas, giobuighthe: gastacht, glanacht a's slacht pearsan.

fascadh: *f.* (*-ctha*) cosc, srianadh, cumhdach, cluthaireacht, cosaint, scáthadh. Cogar, is eagal liom ná fuil fascadh rúin ionat chun rud an-dhiscréideach ar fad d'innsint duit: cluthaireacht, coimeád. Cuirtear fascadh ar an bpáirc sin nó beidh gach aon ainmhidhe

thríthe isteach: cosaint: claidhe. Bíodh fascadh agat ort féin nó déanfair breallán díot féin le digh a's cainnt: cosc. Fascadh maith ar chapall dá fhiadhaine béalbhach láidir: srianadh: coimeád siar.

fáscadh: *f.* (*-sctha*) teannadh nó brúghadh ar a chéile; daingniughadh, dlúthdhúnadh; iadhamh; deifriughadh, barróg, barrógadh; gastacht, cnúisciúntacht, garbhuais, "fonnsaidhe" gáiridhe; seáp. Den gcéad fháscadh do theip air an claidhe do chur de, den dara fáscadh chuaidh glan tharais: seáp, iarracht reatha agus léimthe. Nuair chonnac an tsráid síos é, gabhar 'n-a dhiaidh a's billeóga gabáiste dhá thabhairt aige dho tháinig fáscadh gáiridhe orm: brughadh gáiridhe nár bh'fhéidir liom do chosc. Thug sé fáscadh rothaig fén gclaidhe do léimeadh: tamall uaidh do rith chómh dian a's d'fhéadfadh go mbeadh breis fuinnimh 'n-a léim. Chuir sé a dhá láimh 'n-a tímcheall agus thug fáscadh ceanamhail di: teannadh dlúth: filleadh na ngéag i dtímcheall an chuirp. Deineann fáscadh do láimhe maitheas dom, brathaim an cion ag rith trím fhéitheannaibh agat: an crothadh dlúth ó chroidhe amach. Seómra míofholláin seadh é, go mbíonn an fáscadh aníos ann in aimsir thais: uisce nó taisireacht ag fúscadh thríd, bheith "ag teacht fé". Scaoil an crios so dhíom, tá sé ag fáscadh an anama asam: ag brughadh thríom isteach go mbrathaim go mór é. Is ar do dhóirsibh ná fuil an fáscadh cá bhfuil an bollta ná na glais?: an daingniughadh, feistiughadh: iad do bheith sa tslighe nár bhaoghal go gcuirfí isteach go bog iad. Beidh an lá ag fáscadh feasta, tá cuma mhaith ag teacht air, na ceathanna ag fánughadh 'san ghrian ag spalpadh: triomughadh a's crothadh. Dá dhéine do throideamair iad a's an méid fear do chailleadar ní har gcúl do chuadhadar ach bheith ag fáscadh linn: ag brughadh de neart 'n-ár n-aice. "Ar thosnuigh sé fós?" – "tá sé ag fáscadh air anois": ag cromadh air go fuadrach. Ag fáscadh ar an ól atá sé in ionad staonta dhe: ag ól breis agus breis. Na tíortha cogaidh ag fáscadh ortha chun a chéile atá: ag dul i ndéine agus i ngéire. Tháinig fáscadh tinnis ag mo chorreasna a mharbhóchadh stail chapaill: buaidhthré: bualadh fiadhain: clogadh. Ag fáscadh mo bhróg a bhíos orm féin díreach tréis éirighthe: ghá ndaingniughadh, ghá ndúnadh a's ag ceangal na n-iall ionta. Ghom fáscadh féin: ag socrughadh mo chuid éadaigh orm. Téighir isteach 'on tseómra san chun tu féin d'fháscadh, tá do ghruaig faon leat a's do lámha salach: slacht a's feistiughadh do chur ar do phearsain. Ní fheadar cad deirim léi mar chailín, níl aon fháscadh tighe innte: gastacht: slacht. "Fill orm", adeir an drochghnóth, bíodh fáscadh ionat a's suimeóchaidh gach aonne thu: an fonn agus an acmhuinn chun nidhthe do bheith maiseach i ndiaidh do láimhe. Go hobann tháinig fáscadh orm a's b'éigean dom rith: fonn uirleacain nó chun "suidhte liom féin". Fuair sé an oiread san fásctha idir an trucail agus an falla gur deineadh gránlach dá dhá chois: brughadh. Chun an fhásctha chirt do bheith ar an mbollta san caithfear cnódh do chur air: daingniughadh. Díreach a's me ag fáscadh na téide do lúib an fháináin do dhein dhá lom(a)leath dhi!: ghá ceangal i slighe ná scaoilfeadh sí. D'fhógras air an cófra d'fháscadh: do cheangal, nó an glas nó feistiughadh éigin do dhéanamh. Na trí nidhthe a bhaineas le sonas – fál, fáscadh a's mochóirghe: guirt chosanta, bainistighe a's éirghe moch. Ag greadadh 'sag fáscadh a ladhar lé neart bróin: ghá dteannadh ar a chéile. Bain fáscadh as an dtéid sin, tá sí rómharbh: searadh, tarrac. Bhaineadh sé fáscadh as a chroidhe a bhfeiceadh sé de bhochtanacht 'n-a thímcheall, mar fear lé daonnacht dob eadh é: stracadh: ghoineadh: ghoilleadh sé air. Nách támáilte an scraiste buachalla thu ná bainfeadh fáscadh aiste: í do bharrógadh go teann. Gearrchaile í

sin go bhfuil fuineadh agus fáscadh innte. Uisce ag fáscadh as mo leighcidhibh bróg: ag fúscadh amach ar gach céim.

fascadán: *f.1.* scáth ón sín. Fascadán gréine, báistighe: scáth chosanta. Cuireadh claidhe le scéimh na faille mar fhascadán ná raghadh ainmhidhthe síos. Tógadh bothán barrachta mar fhascadán oidhche dos na hóglaigh ar bharr an chnuic: áit go leigfidís a scíth a's go raghaidís ann ón sín.

fascamhail: *a.* cluthair, cosantach, díonach. Falla maith fascamhail é sin nuair bheidh sé buailte lé haol nó barracht: fuithineamhail. Ní ró-fhascamhail an áit gur thógais do thigh ar mhullach an árdáin: seascair, cluthair: gan bualadh na síne. Sin cófra atá fascamhail a dhóthain chun aonnidh do chur ann: láidir, daingean. Fan ar thaobh fascamhail an chlaidhe: an taobh go bhfuil fuithin ann. Éadach fascamhail nár mhór dho dhuine sa gheimhreadh chun bheith cluthair: cosantach.

fáscadóir: *f.3.* teanntóir, bidhis, aon ghléas a fháiscfeadh. Bíonn fáscadóiridhe ar phartán a bhrisfeadh do mhéireannta: ladhracha acfuinneacha crúb. Fáscadóir éadaigh: gléas chun an uisce d'fháscadh nó do bhrughadh as.

fáscadhtharraing: (**fásctharrac**) *f.1.* tarrac cruaidh dian, stracadh teann obann. Baineadh fáscadhtharraing as mo láimh gur leónadh mo righe: tarrac agus casadh. Cheanglamair lé téid an bíoma agus bhíomair ag fáscadhtharraing air i gcoinnibh na taoide agus na gaoithe go rugamair i dtír é: go dian gan staonadh.

fáschogaint: *b.3.* ag cogaint a's gan faic sa bhéal. Bíonn súd ag síorchogaint thobac, bíonn mhuis agus ag fáschogaint nuair ná bíonn oiread agus scine fén bhfiacail aige: an béal ag corruighe thrí thaithighe amhail a's dá mbeadh rud ann. Nách mór an dúil i bhfeóil é go mbíonn ag fáschogaint annsúd nuair luaidhtear í: cogaint fhollamh ar siubhal aige. Bí ag fáschogaint anois i dtaobh nár tháinighis in am: dein 'e cheal bídh: bí ag cogaint na gaoithe!!!

fásghunail: *b.5.* (*-alach*) slaitín bheag do cuirtear feadh na gunalach ar nadhbhóig idir na hádhbhair go dtaidhbhseóchadh níos slachtmhaire. Iad chómh doimhin sin lé hiasc go rabhadar síos go fásghunail: faobhar lé faobhar an uisce.

fáslach: *f.1.* ógánach, fásán: barraidhe: duine a éirigheas go hobann sa tsaoghal. Toghfar an fhuireann peile ameasc fáslach na paróiste: fir óga. Is iomdha san fáslach mic nuair bhíonn fé ghradam a dhearmhadas a mhuinntir: duine de shliocht Lópais: mac a éirigheas ó bhochtanacht a's aindeise go saidhbhreas a's seascaireacht. Ní tháinig riaghaltas nuadh riamh i gceannas ná go leanfadh ealta fáslach é: scata daoine a éireóchadh chun ionmhasa go hobann.

fáslach: *f.1.* áit bhocht fhairsing: fairsinge gan faic ag fás air. Cad é an mhaith do bhain ná do ghamhain an fáslach cnuic sin: leirg chnuic go mbíonn an mhóin bainte dhe. Fáslach mór síos a's sall ón dtigh ná fuil aon chrot air: fairsinge ná tabharfadh aon toradh.

fásmhar: *a.* glasrach, ag tabhairt: rathmhar. Caitheadh éirghe as sheaimpínidhibh do chur annso, ní bheidís chómh fásmhar a's bhídís bliadhanta ó shoin: rathmhar: torthamhail. Plannda fásmhar seadh an fiúise d'fhásfadh sé in aon áit: claon lé teacht. Talamh maith, féaránach é sin, tá sé fásmhar: tagann flúirse fhéir thríd.

fásta: *a.r.* eascartha go hiomlán. Ní dóigh liom go bhfuil sé an méid sin bliadhan, chómhaos dómhsa seadh é a's nílim im aois fhásta fós: deireadh fáis do bheith agam. Níor bh'aon rud leat an t-aos óg bheith scléipeach, ach nuair atá an t-aos fásta ag dréim leó, mo mhairg!: na daoine atá 'n-a bhfearaibh a's 'n-a mnáibh. Baineadh an crann sara raibh sé fásta: sara raibh a thoirt iomlán sroichte aige. Ithir fhásta: ithir go dtáinig.

fastuím: (**fastaoim**) *b.5.* (*-aomach*) geámaidhe aite, caitheamh aimsire, ádhbhacht, caidréis, díthcéille, seafóid, baois. Fastuím don Lochlainn Fhinn dul ag troid leis an Rúis: aiteas, díthcéille. Fastuím duit bheith d'iarraidh beartha ar imiléad (muiléad) le baoite, mar ná glacann sé é: caitheamh aimsire. Cuiridh uaibh an fhastuím anois, a bhuachaillidhe agus deinidh obair éigin, stadaidh de chleasaibh: geámaidhe díomhaoine. Le fastuím do chuadhas 'on Daingean, rian cúraim ní raibh orm: neamhfheidhm. Sin é díreach an duine ná fuil aon fhastuím ag baint leis nuair bainfí é: ná glacfadh lé seódh ná bladar. Níl aon fhastuím ag baint leó annso: gnóth ar fad seadh iad. Lé fastuím do chuir sé líon ann, aon tsúil ní raibh lé hiasc aige, ach is amhlaidh do bhí sé lán: mar chaitheamh aimsire: lé haistidheacht. "Tá trí chéad púnt agam" – "fastuím!": ní chreidfinn focal de. Téigheann sé 'on oifig, ní hag obair é ach ag fastuím: le seódh: chun a shásta féin. Beathuigheadh lé fastuím thu, is beag ded chuid alluis do chonnaicís: go díomhaoin. Ná bídh ag fastuím fúm, innsidh an fhírinne dhom, an gcreidfeadh sibh?: ag déanamh seóidh fúm. Cad é an diabhal maith dhuit bheith d'iarraidh dorais do dhéanamh gan úirlisidhe ceart, níl ach fastuím sa seanmheilitidhibh sin agat: úirlisidhe díthcéille. Ná tóg air an méid adubhairt sé, bíonn mórán fastaomach ar siubhal aige sin, ní mheádhann sé leath a n-abrann sé: ádhbhacht.

fastuímeach: (**fastaomach**) *a.* díomhaoin: díthcéillidhe, scléipeach, neamhaistearach. Is fastuímeach do chaithir do bheatha, ní fheaca riamh lámh ná ladhar i ngnóth ná i gcúram agat: díomhaoin: neamhéirimeamhail. "An dóigh leat go raghadh Tadhg 'on bhaile mhór dom ar theachtaireacht?" – "tá sé fastuímeach a dhóthain chuige": neamhaistearach: duine ná fuil faic sa tsaoghal ag cur isteach air, nó dá mbeadh féin ná cuirfeadh mairg air. Maran mise a bhí go fastuímeach ag ceannach bhróg duit a's ná caithfeá iad: go neamhchúramach: b'fhearr dhom rud éigin níos tairbhighe do dhéanamh dom féin. Níl aon áit go mbíonn seódh ná greann ná go bhfaghfá ann é, is deacair neach is fastaomaighe 'ná é d'fhagháil: is mó dúil in ádhbhacht 'si gcaitheamh. Is iomdha fear suilt cloiste, feiscighthe agam, ach riamh níor casadh orm duine dob fhastaomaighe 'ná é i gcainnt 'si ngeámaidhibh, bhaineadh sé gáire as dhúra dara: b'ádhbhachtaighe: budh ghreannmhaire. Duine fastuímeach é sin go bhfuil a dhóthain airgid aige, a's nách ceart d'aonne dul ar aon scór leis: duine ná fuil aon rud chun mairge do chur air. Scéal fastuímeach éigin aige i dtaobh teacht 'n-ár measc ná faghadh neach bun ná deallramh leis: scéal seafóideach: gan aon chiall. Níl seisean leath chómh fastuímeach a's leigeann sé air, is maith an aire do thugann sé d'aonnidh a raghadh chun a thairbhe: neamhaireach, scléipeach. "Thugas scilling don aindeiseóir" – "is fastuímeach do bhís": is furaist d'aithint gur beag an cúram

do bhí agat di. Ró-fhastuímeach do cothuigheadh tusa it óige, tá a rian air is beag an fonn ort faic do dhéanamh anois: róbhog: greann a's seódh is mó bhí dhá thaidhbhreamh duit. Nílim-se chómh fastuímeach a's is dóigh leat chun bheith ag tabhairt gach re seadh dhuit: chómh beag-chúraim sin.

fásughadh: *f.* bánughadh, scriosadh, milleadh. Cuimhnigheann na Franncaigh go dianmhaith ar an bhfásughadh do thug an Ghearmáin ar chuid dá dtír sa chogadh cheana, nár fhágadar crann ná tigh na claidhe gan réabadh: milleadh. 'sé an truagh é ach is fíor é go bhfuil mórchuid áiteann fén dtuaith atá ag fásughadh ó dhaoinibh 'sa dtriall ar na bailtibh móra: ag luigheadughadh fútha. Nách mór an fásughadh do deineadh ar Chúige Mumhan lé linn bainríoghna Eilís ná raibh béic leinbh ná bó lé clos ó Dhún Chaoin go Port Láirge!: dísciughadh a's scrios ar dhuine a's ar ainmhidhe. Bíodh misneach againn an turus so ní féidir leó a's a ndícheall do dhéanamh fásughadh ar bhiadh na hÉireann ó tá ár riaghaltas féin againn. Chun fásuighthe na ndaoine a's na tíre do cuireadh na dubhchrónaigh annso: chun na dúthaighe do bhánughadh ó dhaoinibh a's do scrios ó áitreamh.

fásuighthe: *a.r.* follamhuighthe, bánuighthe, scriosta, díodhaoinighthe, díoláithrighthe. Beidh leath na hEóraipe fásuighthe sara stadfaidh an cogadh so, ní bheidh faic os cionn talmhan beo: scriosta ó dhaoinibh. Chuaidh tréad isteach 'on arbhar a's fé mhaidean bhí sé fásuighthe aca: ithte, laitighthe, Níor fhág na gunnaidhe móra pioc den gcathair lé chéile ná go raibh fásuighthe aca: leagtha i ngabhal a chéile. D'fhág an t-arm an ceanntar fásuighthe 'n-a ndiaidh ó bheith ag goid 'sag fobhadh 'sag fuadach: bánuighthe.

fáth: *f.3.* cúis, réasún, ciall, siocair, adhbhar. Is diallta an mac lé fiosracht é - teastuigheann fios fátha gach aon scéil uaidh: bun-rúta lé gach rud a thárluigheann. Inneósad-sa fios fátha an scéil seo dhuit díreach mar thárla sé gan chor, gan chlaon: an fhírinne ghlan. Marbhadh gan fáth dob eadh é, ní raibh cúis ag neach sa tsaoghal dréir mar fios: gan adhbhar: gan réasún a dhéanta. 'sé fáth gur stadas é mar bhí eagla orm go n-éireóchadh rud éigin do da dtéigheadh sé ar aghaidh: an chiall a bhí agam leis. Cad é an fáth do bhainir as a chuid cainnte? ní bhfaghaim-se aon bhun leis, ach go háirighthe: tát: tátall. Cá bhfuil fáth do chúraim annso, fiafruighim díot, nár chóir duit bheith id leabaidh suain anois: an réasún go bhfuilir ag siléig. A Mhuire nár bh'í an bheart gan fáth í imtheacht gan fascadh sa tsneachtadh: gan aon adhbhar leis. Chuireas i bhfáth air go minic gan dul ar snámh sa pholl chonntabharthach: d'fhógras air gan. Cuireadh i bhfáth orm go raibh mo chuid gnótha siar agus go gcaithfinn fágaint mara mothalóchainn me féin: cuireadh i bhfighis (in iúil) orm. "Cad atá agam-sa le fagháil?" – "faic, ní cuirtear tusa i bhfáth in ao'chor": ní thógann neach ceann díot-sa. Ní hé a cuid airgid do chuirfinn i bhfáth ach a breághthacht: go gcuirfinn tábhacht ann. "Is éigean a chur i bhfáth ort-sa", ars an giúistís, "má dheinir coir mar í seo airís go ndíolfair go daor as": a chur 'n-a luighe ort go dian. Is amhlaidh a tháinig fíoch air toisc a droichiomchar do chur i bhfáth air: a thabhairt le tuigsint do: d'fhógairt agus do chómhairleach. Cad é an leigheas a bhí agam air nuair nár cuireadh i bhfáth orm ná rabhas ag déanamh i gceart: nár cuireadh mo locht i bhfighis orm. Cad é an fáth dhuit do bheart do thréigean a's gan aon teacht isteach ná obair agat anois?: cad do bheir duit é do dhéanamh? Bíonn a fháth féin gen mada ruadh creach do dhéanamh i bhfad ó n-a phrochlais: cúis mhaith. Fáth ar bith níl agam chughat,

ní lugha ’ná táim ag cur aon chruisteach ort, cúis bheith id choinnibh, milleán nó locht d’fhagháil ort. Ar an bhfáth gháire a bhí air d’aithnigheas gur thaithnigh mo theacht leis: crapadh beól a’s ceannaghtha i gcómhartha sásta. Tá griofadach i bhfáthannaibh mo bhéil: ceasa: faobhair mo bhéil thíos a’s thuas. Níl faic go luigheann súil an duine air ná go bhfuil fáth éigin ag Dia a chur ann: bun: cúis. D’airmheóchainn fiche fáth dhuit lé gráin do bheith agam ort: bun áitimh. Ní bhaineann an dochtúir aon fháth fóghanta a’s é bheith ag úirleacan fola: ní tuar maith téarnuighthe leis é. Rinne sé an charraig do chur i lár an bhóthair lé fáth go ndéanfadh sí díoghbháil: lé hinntin.

fáth: *f.3.* súil práta, péac, maothán. Prátaidhe fátha: prátaidhe péice: go mbíonn an phéac ortha dhá chur i gcré. Tá fáthanna ortha: ag “cur amach”.

fatha: (**fathaidhe**) *f.4.* rústach, duine daghaiceach (daibhceach), dothuigseanta, neamhchainnteach: codarmán, stuacaire, duadán. Níor bh’aon bhréag fatha do thabhairt air, nach air atá an chuma neamhchómhluadrach.

fathach: *f.1.* gaiscidheach, gruagach, duine go mbíonn scrothaidheacht mhór ann. Fathach fir gur dheacair a chómh d’fhagháil. “Agus do bhí fathaigh ar an saoghal sa laethibh sin agus mar an gcéadna ’n-a dhiaidh sin an uair thángadar mic Dé isteach chun inghean na ndaoine agus rugadar clann dóibh, etc.” (Gen. VI. 4). Fathach gráineamhail a’s gan ann ach aon tsúil amháin i gclár éadan: bathalach mór, groidhe, acfuinneach. Tá fathach fir ag déanamh díot, bail ort: fear mór, groidhe. Nách é an capall san an fathach: ainmhidhe éachtach. B’í Éire dúthaigh na bhfathach an tráth san: fir ghroidhe go léir a bhí ann.

fathallach: *f.1.* duine trom aindeis, neamhéascaidh. Fathallaigh dhíomhaoine nách mór go leigfeadh an leisce dhóibh corruighe dá dtóin: leadaidhthe móra leasca. Féach mar leigeann an fathallach don árus tuiteam as a láimh: duine neamhghasta, neamhchruinn. Chnagas agus níor bh’fhada ná gur ghluais chugham fathallach fritheólaidhe a bhí ag luascadh mar bheadh long i suathadh farraige: aindeiseóir mall, coimpléasach, míothapaidh, tútaire. Capall gan chruadhacht gan fuinneamh, níl ann ach fathallach: tuathalach capaill ná fuil cruinn ná pras ar a chosaibh.

fáthgháire: *f.4.* túis gáire geanamhla. Níor fhéadas gan fáthgháire do dhéanamh fé nuair chonnac an clódh greannmhar do bhí air: d’fhoillsigh mo bheóla, mo shúile agus m’aghaidh gur chorruigh a amharc suimiughadh ionam. D’aithnigheas ar an bhfáthgháire a bhí ortha, ar theacht isteach dom, go rabhas i dtreis ar chuma éigin aca: ar an ndriuch geana do bhí ortha. Cé hé ná féadfadh gan fáthgháiridhe do bheith air ag faire air istigh i soitheach ag cúbadh a chinn nuair caithtí urchar air ’sag éirghe airís: an greann d’fhoillsiughadh ’n-a aghaidh.

fáthgháirim: *b.a.* deinim túis gháire. D’fháthgháir sé fút, ach ní cúis uilc é sin duit: tháinig fíorbhriseadh an gháire ’n-a cheannaghthaibh. Na daoine bheith ag fáthgháiridhe fút, tu féin a’s do hata péacach, príomhaidhe: miongháiridhe: fiamhgháiridhe: ag gáiridhe ós íseal lé gean nó lé hádhbhacht.

feabhas: *f.3.* breis mhaitheasa, deaghaiste, deaghórdughadh, biseach, leasughadh, fiúntas, fóghantacht, bail. An-olc do indé, tá breis fheabhasa indiugh air – tá súil go dtéarnóchaidh sé: tá sé i bhfad níos fearr 'n-a shláinte. Dá fheabhas tu tiocfad-sa suas leat: dá mhéid an mhaith atá ionat chun an láimh uachtair do bheith agat buaidhfead-sa ort, nó bead cómhthrom leat. "Ag dul i bhfeabhas siar sibh" (rádh): ag déanamh nó ag gabháil d'aon rud a's go mbítear ag cothughadh air deirtear so. "Bhuail sé mise" – "bhuail agus mise, leis" – "ag dul i bhfeabhas siar é". "Thug sé síntiús do mhnaoi bhoicht" - "thug agus do fiche duine aca" - "ag dul i bhfeabhas siar é": mo chuisle é! Dá fheabhas duine, mara bhfaghainn cabhair is deacair do éirghe leis, is cuma cá maith nó tairbhe é. "Cad é an saghas déanaimh do gheóbhainn ar an mbainis seo?" - "beidh gach nidh ar fheabhas ann": an chuid is fearr de gach rud. Bhí an chruithneacht ar fheabhas ambliadhna, mar tháinig an aimsir go haoibhinn uirthe: go sármhaith. Dheara mhuise, ní fheadar don tsaoghal connus mar tá aige, mo thuairm féin ná fuil an diabhal lé feabhas air chun imeartha: ná fuil in ao'chor chómh maith agus tá teist air. "A's lé n-a feabhas gur toghadh chun laochais í" (amhrán): a sármhaitheas. Lé n-a fheabhas agus bhí sí fén scrúdughadh, fuair sí moladh fé leith i dteannta árdchéime: toisc í bheith chómh sármhaith amach agus amach. Féach an féarach saidhbhir sin lé feabhas na talmhan: saidhbhreacht: mianach tabhartha a's fáis. Cuirfidh an deaghaimsir seo feabhas ar gach aonnidh: biseach, breis mhaitheasa. Dá oilceas é raghaidh an saoghal i bhfeabhas fós pé mhairfidh leis: beidh sé níos fearr 'ná tá sé. Cúis ghearáin ar bith níl agatsa a's a fheabhas a tháinighis as an scríb seo, tusa an t-aonne amháin is lugha a bhí thíos leis: do theacht as chómh neamhdhíoghbhálach. Feabhas a mheabhrach buidheachasuigheadh sé as a bhfuil den tsaoghal aige: fiúntas a incheann. Níl aon fheabhas os a chionn adeir an dochtúir: ní théarnóchaidh sé. Téigheann díom a thuigsint connus do theip sé agus a fheabhas a's tá sé: nuair cuimhneófa: a thréithe a's tá: ná tréithe a's an cháilidheacht atá ann. Táim ar fheabhas, buidheach dhíot: go hiongtach i sláinte agus i misneach. Mara gcuirir feabhas ar t'iomchar ní beifear ag bruic leat: mara n-iomcharuighir thú féin níos fearr. Feabhas a chroidhe ná leigfeadh do aonne d'eiteach: mórmhaitheas. Ar ól nó ar itheadh ruda do dhuine do thaithnigheann leis, déarfadh, "is mór an feabhas ar dhuine (ar an dtaobh istigh etc.) é sin": an mhaith. "Dá mbeadh sé ar fheabhas an domhain gheóbhadh duine éigin locht air" (rádh): ní féidir lé duine gach aonne do shásamh. Is baoghalach liom go bhfuil sé (imthighthe) ó fheabhas anois: tar fóir: nách féidir aon mhaitheas do dhéanamh do. Is uaitse atá feabhas air: is tusa fé ndeár (ndeara) biseach do theacht air. An ndéanfá feabhas dom agus teacht ag cabhradh liom?: comaoin do chur orm. Ní dheineann ólachán aon fheabhas d'aonne, a's ná creid a mhalairt; tuiteann gach aonne leis i ndeireadh dála: ní chuireann breis ar a stór, maitheas ar a sláinte ná meas ges na daoinibh ortha. Ní mór dom m'fheabhas, geallaim duit, níor mhór d'aonne bheith chómh maith liom: níl aon chúrsaidhe maoidhte agam as m'aiste. Seadh, ach go háirighthe, tá sé d'fheabhas air go n-éirigheann sé aniar sa leabaidh: an méid sin maith sláinte. "Táim gan feabhas" (rádh): mara chéile: an-dhona. Cloisim go raibh feabhas ar stoc indiugh: breis luacha ná mar bhí. Chun a fheabhasa féin, i ndomhnach, atá sé 'n-a chnuig ithreach. Caith siar é sin, níl aon teóra leis, déanfaidh sé feabhas na bruinne dhuit: feabhas thar na beartaibh: níl aon teacht anuas ar maith atá ann. Mara mbeadh feabhas an lae ní chorróchain amach: breághthacht. Duine nách feabhas ar aonnidh é: sprionnlaithe, gan mhaith.

feabhsuighim: *b.a.* *7* *n-a.* deisighim, cuirim breis mhaitheasa ar, ceartuighim, cuirim chun cinn, méaduighim, leasuighim. Feabhsuigh do bheatha, táir ag dul sa diabhal ar fad: leasuigh í: atharruigh ar an dtaobh maith. Mara bhfeabhsuighir an aiste sin a's go bhfeicidh an máighistir a haindeise díolfaidh do dheárnacha as: í do cheartughadh a's do dhéanamh níos fearr. D'fheabhsóchadh aol go mór an talamh marla buidhe sin, chuirfeadh brat féir thríd aníos: dhéanfadh maitheas mhór do. Táir agam anois, is maith liom san do chlos, feabhsuigheann an scéal go mór: cuireann sé crot níos fearr agus níos sásamhaighe ar an gcúrsa. Ní fheabhsóchaidh an aimsir ambliadhna!: ní raghaidh triomacht ná breághthacht uirthe. Go bhfeabhsuighidh Dia dhuit, is ort atá an buille breóidhteachta: go gcuiridh Sé "i gceann na maitheasa dhuit". Dá bhfeabhsuighinn mo thigh cuirfí breis chíosa orm: dá ndeisighinn é: dá maisighinn é. Má fhéadair in ao'chor ach é do dhéanamh go macánta, feabhsuigh thu féin ar gach cao agus cuma: téighir chun cinn sa tsaoghal. Níor fheabhsuigh sé pioc 'n-a shláinte le bliadhain anuas: ní dheaghaidh atharrughadh ar maitheas air. Tá a laetheanta istigh, ní fheabhsóchaidh sé choidhche: aon mhaith ní raghaidh air.

feabhsughadh: *f.* (*-uighthe*) biseach, maitheas, maisiughadh, ceartughadh, leasughadh. Feabhsughadh d'aon talamh aoileach do chur air: maitheas. Is deacair rud go bhfuil lat (lot) leidhbe déanta air, mar tá air seo, d'fheabhsughadh níl sé oireamhnach d'aon rud ach don gcúil chosamair: deisiughadh maitheasa do chur air. Croith suas tu féin, beir i ndán gabháil amach fén aer feasda, an lá ag dul i bhfaid 'san aimsir ag feabhsughadh: í níos breághtha. An buidéal do thug an dochtúir dom do dhein sé feabhsughadh mór orm, brathaim go diail 'n-a dhiaidh: atharrughadh mór ar thaobh na maitheasa. Ag léigheamh 'sag stuidéar d'iarraidh a incheann d'fheabhsughadh: a leasughadh: maitheas do dhéanamh di. Dá gcaitheadh sé leath a shaoghail i dteach smachta, ná an diabhal feabhsughadh do dhéanfadh ar a iomchar: ascna inmhianta, ionmholta. An dtuigtear duit gur it fheabhsughadh féin ataoi bheith ag cnáimhseán ar an té go bhfuilir 'n-a fheadhmannas: ag déanamh do mhaitheasa: ghod chur féin chun cinn. Feabhsughadh ar an dtigh na fuinneóga san curtha nuadh air: maisiughadh: breis fheicsinte thugtha dho: deallramh níos fearr. Chómh dúthrachtach san do go ndéanfadh dar leis feabhsughadh ar an uile nidh: maisiughadh. Éist liom, adeirim leat, ní feabhsughadh ar an áiteamh so tusa do chur do chinn ann: ní bheidh sé luid níos fearr 'ná níos réidhe de bharr do bhearta. Tréis m'fheabhsuighthe ón éagcruas chuadhas ar shaoire fada go dtagainn chugham féin: maitheas. Ar mh'anam féin féin, mhuis, pé rud adeir dochtúir a's liagh, go bhfuil feabhsughadh ag dul air. Féach beodhacht a radhairce: biseach, dul chun cinn. Fear feabhsuighthe seadh thu, féach ort, a dhuine, ná brathann tu féin: maitheas tagtha ort.

feac: *f.1.* (*fic*) (*iol.* –anna) cos ráinne, sluaiste, pinn. An bhfuil an rann i bhfeac?: an bhfuil an chos, an t-iarann san cúilín curtha i bhfeisteas chóir? Ar rádh d'fhear an tábhairne leis go raibh an aimsir caithte agus gabháil amach in ionad tur do thabhairt air is amhlaidh do chuir sé a chos i bhfeac: chuir stailc suas: ní chorróchadh as an mball do bhí aige gan fóirneacht d'imirt air. Nuair fuair sé an t-iarratas ag lorg airgid air, in ionad díolta, chuir sé cos i bhfeac: dhiúltuigh go diongmhálta scaramhaint leis an airgead. Chuaidh mo chos i bhfeac idir dhá charraig agus mara mbeadh cabhair do theacht orm d'fhuascail me d'fhanfainn ó shoin ann: i gceangal: i dteannta. Faic ní fhéadfainn do dhéanamh, tá gach aonnidh i bhfeac orm, níl eochair seómra ná cófra agam: gach rud

dúnta orm. Cuir clár i bhfeac i gcoinnibh an dorais nó cuirfidh an ghaoth isteach é: mar theannta leis. Bhí feac maith leat, agus is maith is eól duit é, a chladhaire, mara mbeadh san is fada go sroichfeá asat féin bheith id chléireach bainnc: cabhair theanntuighthe (lé).

feac: *f.3.* buaithréidh, ar cromadh, saothar, spreagadh, faobhar, buaidhreamh. Is mór an feac oibre atá ort ná féadfá focal den gcainnt do thabhairt do dhuine: ceangailteacht innte. Cuir feac ort féin má tá fonn ort gan bheith déidheanach: deifriughadh: mothalughadh: luathughadh. Chonnac an bóthar suas é agus feac deabhaidh air: cromtha chun cinn d'iarraidh bhreis shiubhail do dhéanamh. Dá mbeadh gan leath oiread feaca do bheith ortha ní bhuailfidís a ngluaisteán ar an gcúinne: leath an oiread fuirse deabhaidh. D'fhógras air éisteacht fiche uair ach in ionad géillte dom ghlór is amhlaidh do chuir sé feac air féin chugham: mhéaduigh ar a bhinb chugham. Díreach roim an rás bhí feac ar gach aonne, cuid aca go gnóthach ag cur geall, cuid aca ag dul i gcomhthrom feicsinte a's a thuilleadh ag scrúdughadh na gcapall: buaithré: mórchorruighe: tranglam a's dul trí chéile: gritheal. Tá feac éigin anois ort ar an bhfuadar atá fút: rud éigin i dtreis agat: buaidhreamh: rud éigin ag cur as duit. Níor bhuailis riamh liom go mbíonn eaga agat t'anál do tharrac, cad é an feac diabhail a bhíos ort: deabhadh a's fuirse a's suathadh. An té ná cuireann feac chun an tsaoghail air féin bíonn thiar air: ná cuireann "cuma" air féin chun a bheathaidh do shaothrughadh beidh ar an bhfán. Fuaireas marbh é a's feac i gcoinnibh an chlaidhe air: cromtha. Mara bhfuil aon fheac mór ort fan liom: aon rud gur cheart duit bheith ag gabháil de: deabhadh ort.

feacadh: *f.* (*-chta*) lúbadh, casadh, sáthadh, corraighe, cor, lúb, fiar. Baoghalach liom go bhfuil sé thar mo riocht, ní fhéadfainn filleadh ná feacadh do bhaint as: cor ná bogadh. Is fusa iarann dearg d'fheacadh 'ná iarann fuar, bíonn sé níos buige: do lúbadh nó do chasadh. Sa doircheacht sheasuigheas ar ghéarán, baineadh feacadh as mo chois gur leónas m'alt: casadh. Cad é an feacadh so ort ná fanfá socair a's gan bheith ag brughadh na ndaoine: sáthadh: corruighe chun cinn. Chómh stanncuighthe sin ag an aois nách féidir leis a ghlúin d'fheacadh: do lúbadh. Ag feacadh os chómhair altóra Dé: ag cromadh a chinn nó a ghlún. "Mo thuairm", ars an fear, "nách fada eile anois go mbeidh taobh éigin aca ag feacadh, ní fhéadfaidís seasamh choidhche ar an dtiomáint seo": ag lagughadh. Mo dhrom ag feacadh lé tromas an ualaigh: ag lúbadh.

féachadh: *f.* (*-ta*) faire, scrúdughadh. "Cuirimís féachadh an dochtúra" air: scrúduighimís é d'fhéachaint an bhfuil sé fireann (a dhóthain) [rádh coitcheann é seo. Cloistear é ag scata ban ag cleithmhagadh fé fhear aonair].

féachadóir: *f.3.* duine a bhíos ag féachaint (ar): fear feasa, fáidh. Chómhaireófá ar do mhéireanntaibh a raibh d'fhéachadóiridhibh ges na peictiúiridhibh: lucht féachta. Bliadhain ó shoin dubhraís gur mar bheadh atá ní bréag féachadóir do thabhairt ort: fear feasa: fear cianradharcach.

feacaim: *b.a.* $_7$ *n-a.* lúbaim, cromaim, casaim as a dhíreach, cúbaim ó, sléachtaim, sáthaim. D'fheac sí a glúin síos go talamh i láthair an righe: lúb sí. Feac do cheann ón urchar!: crom é. D'fheac sé a cheann di lé hómós: shléacht sé dhi. Feacadh a chos i scoilt

charraige: teanntuigheadh: ceangladh. D'fheac sí a súile le náire: chrom iad: d'ísligh iad. D'fheac sé chómh luath a's chonnaic sé an namhaid: chúb sé.

féachaim: *b.a.* 7 *n-a.* dearcaim (ar), fairim: tásdálaim, scrúduighim, breithnighim, fritheálaim. Féach chughat féin in am a's ná leig do shláinte chun léige: tabhair aire dhuit féin. Féachaidh air sin mar obair: machtnuighidh air sin, (nách náire é). "Féachaidh air!" (rádh): dearcaidh air, nách fé atá an lán nó nách agaibh atá an nidh déanta gur cheart díbh meas do bheith oraibh as (leamhas). Ó, a ghrádh ghil, féach uirthe nách í go bhfuil an tóirtéis fúithe!: nách fiú breithniughadh go cruinn uirthe. Féach chun an chapaill go bhfuil a thómhas coirce aige: fritheáil air. Féachaidh chuige go mbeidh an obair sin fuigheallta, fálta, fuirsighthe agaibh fé Shatharn: cuiridh 'n-a dhiaidh: tugaidh d'bhur n-aire. "Nár dhóigh leat go bhfuil sé aosta a dhóthain anois chun céille do bheith aige" – "féach féin sin": déarfainn é: is agat atá an ceart. "Raghad-sa leis ann" – "féach an raghair (mhuis)": dá mb'áil leat é do thástáil seadh bheadh a fhios agat é. "Féach leis anois é, tá do chuid bailighthe leis aige": "tá sé ar eire agat" é do bhaint de. Táir ag lorg orm-sa anois, nuair bhí rud agat féin b'fhearr leat é do thabhairt do chách, níor fhéachais domsa in ao'chor: níor chuimhnighis "beó ná marbh" orm. Féachaidh don bhfochais adeirim libh nó raghaidh sibh anáirde uirthe: bíodh bhur súil amuigh agaibh di. Féachaidh chughaibh a's uaibh sara gcinnidh sibh ar cad tá lé déanamh agaibh: breithnighidh a's méadhaidh go haonnidh d'fhonn bheith deimhnightheach d'bhur ngnóth. Féachann tú dhom go dona: sin é an deallramh atá ort. Ná bac thart mise, féachfad-sa féin amach dom féin: tabharfad-sa, gan chabhair ó aonne, aire dhom fein. Féach i ndiaidh an tighe dhom: tabhair aire dho. Féach, ná déanfadh sé dhuit-se, rud do dhein sé dos gach aonne eile a bhí i dtreis leis: comharthuigh sin. Féach ar an dtigh sara gceannuighir: scrúduigh. D'fhéach sé fé n-a shúilibh, d'fhéachaint cad a bhí ar siubhal agam: ós íseal: fé n-a fhabhraidhibh. Sin é díreach an fear nár fhéach d'aonne riamh: nár mhachtnuigh ar an mbuaidhreamh do chuirfeadh ortha, ná bheith tais leó. Féach rómhat a's id dhiaidh, a's ná bí it amadán ag aonne: breithnigh a's scrúduigh gach rud mion a's mór. Sin í an obair anois sínte amach duit, féach léi: tástáil í: dein í: tabhair iarracht uirthe. Féach liom-sa annso go fóillín beag: tabhair mise agus a ndéarfad leat dot aire go maith. Óir ná héisteófá liom, féach leat é: bíodh agat: lean do thoil féin: dein do rogha rud. "Bhrisfinn gach cnámh id chorp dá gcuirtheá an strán ceart orm" – "féach air sin anois!": dáiríre! nách deas grádhmhar an chainnt ó fhear í. Ó theipeann oraibh iad do ruagairt as an áit lé piléir féachaidh iad le hionsaidhe: tástálaidh sin. Féach na cearca!: brath iad an bhfuil uibhe aca. Éadach breágh ort-sa a's féach mise: an droichéadach atá orm. Féach id thímcheall, an bhfeicir aonne mar thú?: breithnigh gach aonne ar t'aitheantas. "Féach orm-sa": "is maith an té go bhféachainn air": ní fiú liom féachaint ort. D'fhéachas go mbeadh a ndóthain lé n-itheadh aca: dheineas deimhin de.

féachaint: *b.2.* 7 *3.* faire, dearcadh, sileadh na súl: deallramh, crot, scrúdughadh, lorg, taise, suimiughadh, meas: inntin: fionnachtaine. D'fhéachaint an mbeifeá ann do thána: chun a fhaghála amach. Phrioc sé me d'fhéachaint an rabhas ag éisteacht leis: chun feasa d'fhagháil. Féachaint dá dtugas, chonnac an amhailt ag déanamh orm: sileadh grod súl. "Connus tá an seanduine?" – "níl ann ach bheith ag féachaint air": gan chrích gan áird. "Connus tá an fear breóidhte?" – "níl ann ach bheith ag féachaint air": i ndeireadh na feide. "Connus thaithnigheann mo chuid oibre leat?" – "ní bheinn ag féachaint ort": ní fiú

faic tú féin ná í féin. “Sin duine ná taithnigheann liom, níl aon deaghfhéachaint aige”: níl deallramh macánta ná sochma air. “Is fearr féachaint rómhat ná dhá fhéachaint id dhiaidh” (seanrádh): is fearr gach rud do scrúdughadh go hiomlán ná bheith in aithreachas tréis na bearta déanta. An fhéachaint mhíneáireach do thug sé orm d’aithnigheas ná raibh aon ghnaoi air: cuma chrosta. An imirt fhill do dheineadar chuir sé scorn ar an lucht féachta: a raibh láithreach ag dearcadh ortha. Tigh breágh seadh é ach gan aon fhéachaint do bheith as: radharc maith. Mara mbeadh me do bheith ag féachaint duit-se bheadh thiar ort: ag géilleadh dhuit. Daoine carthanamhla a bhíos ag féachaint dos na bochtaibh: ag géilleadh dhóibh: ag tabhairt rud dóibh chun a bhfeabhsuighthe. An fhéachaint a bhí air ar fuaid na cisdean: é ag breithniughadh an uile rud go cruinn. Ná bí ag féachaint ar an mbiadh .i. crom ar itheadh. Aon fhéachaint amháin air mo dhóthain .i. chuir sé déistinn orm: bhíos deimhnightheach im aigne cad bhí air nó cad thuitfeadh amach. Tháinig sé dom fhéachaint: ar mo thuairisc. Ag féachaint an chalaidh: ghá scrúdughadh. Bead ag féachaint mo nirt leis ist oidhche ambáireach in iomrascáil: ghá cur ar a tástáil. Dia dár bhféachaint: dár gcosaint. Ní hé féachaint atá aige dhom-sa go mairfidh sé i bhfad: an taidhbhseamh: an deallramh. Féachaint ó thuaidh atá ag an bhfaill: a haghaidh sa treó san. Thug sé dubhfhéachaint orm: amharc ná raibh cneasta: siolla súl dian. “Cad n-a thaobh bheith ag féachaint orm-sa mar sin?” – “ná fuil cead ag an gcat féachaint ar an rí” (seanfhocal) .i. ná fuil cead ag an té is suaraighe a shúil do chaitheamh ar an té is aoirde. Rinne sé féachaint fé a’s tharais sar ar thug sé fé n-a dhéanamh: mhachtnuigh sé go maith: bhreithnigh sé a’s scrúduigh gach rud budh dhóigh leis do bheadh ’n-a aghaidh. Is dóigh liom nách beag leis dá thuras, tá féachaint mhaol go maith aige: a chleitidhe ar sileadh leis. “Cheithre muca fireanna bána/ ag féachaint siar ar thalamh Uí Dhálaigh/ d’íosfaidís a dtiocfaidh ’sa dtáinig/ a’s ní chacfaidís oiread an cháine” .i. cheithre cúinnidhe an teampaill. Ag féachaint tharm ar m’óige: ag machtnamh im dhiaidh. Nách ag féachaint soir siar do bhíonn seisean a’s ní hi mbun a ghnótha: a shúile san uile áit ach ar a ghnóth. Féachaint cheart ag an luing sin: cuma uirthe bheith déanta go cóir.

féachaint: iachall, “fiacha”, éigean. Níl sé d’fhéachaint ort-sa bheith annso in ao’chor, buail leat abhaile: de dhualgas, d’iachall. Cuirtí d’fhéachaint orm éirghe in aon am den oidhche go dtagadh a dteadh air chun me do chlipeadh: d’éigean: d’fhiachaibh. An bhfuil sé d’fhéachaint agat-sa ná ag aon neach eile mise d’éisteacht mo bhéil nuair is mian leat-sa san: an méid sin foiréigin orm.

feacht: *f.3.* uain, turus, ócáid. Leigeas leat go minic cheana ach an feacht so díolfair as: an turus so. Feacht n-aon do bhí rí ann (seanscéal): tráth amháin. Más maith in ao’chor sinn is maith in éin-fheacht (aon fheacht) sinn” (seanfhocal): i dteannta chéile is fearr sinn. Bímis in éin-fheacht ’on bhaile mhór: le cois a chéile. Buailimís in éin-fheacht: cómhbhuailimís. In éin-fheacht sibh: d’aon iarracht sibh: gan duine chun cinn ná chun deiridh. Den bhfeacht so ní bheidh aon mhilleán agam ort: ar an ócáid seo. Feacht mar é agus na daoine róshuaidhte cheana níor cheart duit aon rud do rádh do chuirfeadh breis bhuaidhrimh ortha: ar ócáid mar é.

feadh: *b.3.* (*feadha*) faid, rith, méid (ama nó aimsire), achar. Ar feadh a shaoghail beidh sé mar sin, ní haon atharrughadh a raghaidh air: i rith: faid mhaireann. I rith na feadha

bhíos ag dul chúig mhíle de bhóthar bhí an tinneas ag gabháil díom: an fhaid: i rith na haimsire. Fanfad leat annso (an) feadh bheir-se ghot ullmhughadh féin: i rith na haimsire. Ar feadh an lae agus na hoidhche ní théigheann stad air ach ag gearán: leis an aimsir sin. Ar feadh an bhóthair ar fad gheóbhfá bláthanna fiadhaine: ar a fhaid. Ní rabhadar ach tímcheall a's feadh dhá chéad slat ó chéile nuair chromadar ar rúscadh a chéile lé teine chroidhearg: an fhaid sin: achar. Feadh gach nfhaid ag feitheamh leis go dtí gur éirigheas tuirseach de: tamall mór, fada. Cómharsa dhom é, tá a thigh i ngiorracht feadh urchair dom: an t-achar (faid) a shroichfeadh urchar: buailte liom. Ar feadh m'aithne-se air, níl faic lé rádh agam ach gur fear macánta é: in imtheacht: i gcaitheamh. Ar feadh mo thuairme-se is fearr éisteacht air: chómh fada agus théigheann sí. Feadh bhí a fear beó bhí sí ar a toil ach nuair éag sé d'imthigh an aindeise uirthe: an fhaid. D'fhág an cloidheamh riasta doimhin feadh a leicne: tríthe: treasna.

fead: *b.2.* glór géar ceólmhar a ghníos an béal nó gob éin: déanamh na gotha treithreach ar chumhangughadh an bhéil cruinn agus an anál do thiomáint tríotha go fuinneamhail: glór caol, géar: siosarnach. Leig fead air: dein glór fada géar chun glaoidhte air. An bhfuil fead agat: an féidir leat glór treithreach fada, géar do dhéanamh léd bhéal. "An ndéanfadh sé dhuit é, an dóigh leat?" – "níl agam ach fead do dhéanamh air": glaodhach gan tafant: cómhartha do dhéanamh chómh humhal lé madra. "Níl ann ach bheith ag féachaint air" – "tá sé i ndeireadh na feide mar sin": sa croitidhibh déidheannacha mar sin. Leig dom suidhe go gcuiread mo thuirse dhíom: traochta amach. Cuir fead (leig) asat d'fhéachaint an gcloisfeadh sé thu: dein glór treithreach géar béil. "Is olc an chú nách fiú í fead do leigeant uirthe" (seanfhocal). Dhein fead air: chun uilc do chur air. Níl fead ná glaodh ann: duine gan anam: súmaire leasc. Chómh luath a's polladh an soitheach leig sé fead as: tháinig an t-aer go hobann lé glór siosarnach. Tá fead mhaith mhéire aige: ar a mhéar (méireanna) do chur 'n-a bhéal agus séideadh tríotha: deineann sé glór an-árd, an-ghéar. Fead ghlaice: fead idir na lámhaibh i gcabha. A bharránaigh, tá fead ghoile agat: sceónghail: glór laistigh mar bheadh gaoth ar séirse ann. Ní bhfaghfá lé fead ná lé glaodh é: is cuma cad é an mealladh do dhéanfá air ní thabharfadh tor ort: ní dhéanfadh sé maitheas: ní dhéanfadh aon rud go mbeadh súil ag duine leis. Cuir fead ar an bport úd: cuir ceól béil air. Is binn an fhead atá aige air: cuireann sé ceól aoibhinn béil air. Sin í fead na traenach tá sí chughainn: an glór géar, grod do ghníonn an gal nuair fuascaltar trí poll beag nó cailbhe san scruinge.

feadha: *gein d'fhiodh* ag baint lé hadhmad nó lé coill. Cá bhfuil an fiadhaire feadha?: duine díomhaoin gan chuimhneamh ar ghnóth ná ar chúram. B'é an fiadhaire feadha a bhí ag an dtighearna é: duine gur bh'é a chúram aire do thabhairt do choilltibh a's d'ealtaibh allta ná beifí ag déanamh foghla ortha. Budh ghalánta a's budh mheastamhla dhuit rud éigin do dhéanamh 'ná bheith it fhiadhaire feadha ar fuaid an pharóiste: ag gabháil go díomhaoin neamhchúramach.

féadaim: *b.a.* is féidir liom, táim i ndán, tá ar mo chumas. D'fhéadfadh sé do bheith annso anois dá mbudh mhaith leis é: bheadh sé ar a chumas. "Gach duine mar fhéadann" (rádh): gach aonne chómh maith agus is tá cumas aige ann, nó mar is féidir leis: ná bíodh locht agat ar aonne a bhíos ar a dhícheall. Féadaim an méid seo do rádh leat, mara mbeadh leat ná bead id choinnibh: ní misde dhom a rádh. "Ní fheadar an bhfuil airgead

aige mar deirtear" – "d'fhéadfadh a bheith": is féidir sin. Ní fhéadaim an chos do chur thar an gcois eile: níl ionam corruighe. Ní fhéadfí a rádh go raibh sé sprionnlaithe: níor bh'fhéidir sprionlaitheacht do chur 'n-a leith. D'fhéadfadh Dia aonnidh do dhéanamh: tá sé ar a chumas. D'itheas ar fhéadas, ní raibh aon choigilt agam air: an méid dob fhéidir liom. Ná cuir tu féin sa tslighe a's go bhféadfar do bheith ag magadh fút: go mbeidh sé ar chumas na ndaoine.

feadh: *b.3.* (*feádha*) (*iol.* feádhanna, feathanna) i dtómhas téad a's daradha an fhaid a bhíos idir mhéireannaibh an dá ghéig a's iad sínte amach ar a bhfaid ó thaobh na ngualann – sé tróighthe ar faid. Chuir sé seacht bhfeádhann i bhfarraige é!: go doimhin síos. Ó a Dhia mhuise, tá feádhanna sa pholl so!: tá an mío-ádh lé doimhneacht air. "An bhfuil an fharraige doimhin annso?" – "tá feádhanna (feathanna) ann": doimhin a dhóthain.

feádh: *b.3.* cor, corruighe. Cad iad na feádhanna atá fén bhfear san anois? Ón ngabháil tímcheall atá air, na bóithre atá dhá thabhairt isteach aige, agus na boghaisínidhe atá dhá dhéanamh aige cad tá ar a inntin, ní fheadar? d'aithnigheas ar na feádhannaibh a bhí fé gur bh'é goid an chluig a bhí 'n-a cheann: ar an bhfuadar. Ar na feádhannaibh atá fé 'sí an chroch a stáitse: ar an slighe iomchair atá fé 'sé a chrochadh a déanfar. Ar bhualadh do dhuine leat, déarfá leis gan i bhfeighil muinnteardhais; cad (iad) na feádhanna iad so fút-sa anois?: cá bhfuil do thriall?: cad tá ar bun agat? etc. Fágfaidh na feádhanna so, faillighe gnótha, scaipeadh airgid, ragairne, mí-iomchar, ar an bhfán tú, adeirim leat: geámaidhe; fuadar amadántamhail, scléipeach. Cuir uait na feádhanna agus suidh go socair: an ionfairt, an t-aiteas nách ganntar: mí-iomchar. Seachain tu féin ar an gcapall san, tá feádhanna an diabhail bhuidhe féin fé: fuadar a bheith crosta, mío-shuaimhneasach. Ar bhfeicsint duine bheadh ag déanamh rud neamhghnáth nó ait mar aisteóir ar árdán déarfí; "féach (nách iad) na feádhanna iad". Tá feádhanna maithe fé: tuarann sé go maith: de chuma air go n-éireóchaidh leis. Ní fheadair aonne ach na feádhanna a bhí air (fé) d'iarraidh na bearta do ghnóthughadh: na boghaisínidhe agus na bóithre a bhí dhá thabhairt isteach aige.

feadaire: *f.4.* duine a ghníos fead: aon rud a ghníos glór, géar, caol, fada, árd. Sin feadaire maith a sheinn an port san ar a bhéal: a ghníos portfheadghal air: a chuireas an fonn air lé séideadh trí n-a bhéal (gan guth). Nách cruinn, moladh lé Dia, do thagann gach aon rud chómh soiléir a's dá mbeadh os do choinne ar an bhfeadaire seo: craolachán.

feadaireacht: *b.3.* seimint (seinnt) ar an mbéal. Ag feadaireacht féin feadh an bhóthair: ag seimint phort ar mo bhéal. Éist a's ná cloiseadh aonne eile thu, níl agat ach feadaireacht: cainnt gan bhun: aon deallramh fuaimeantamhail níl leat. D'imthigh an díthleaghadh ar mo chuid, bím ag feadaireacht 'n-a dhiaidh anois: fuar agam bheith ghá éileamh ná fiú amháin bheith ag cuimhneamh air. Ní fada ó bheith follamh an soitheach tá an-fheadaireacht aige: glór gaoithe. Baineann na leanbhaidhe a chiall de, bíd ag feadaireacht fé: ag déanamh fead chun é do chur ar buile. Feadaireacht an obair seo: obair gan chiall ná deallramh.

feadán: *f.1.* caolán, píopa, giolcach; maide nó aon rud cuasach; sruthán fé thalamh; féith fola; séideadh fola nó gaoithe. "Gleann na bhFeadán": gleann go bhfuil mórán sruthán glórach fé thalamh i rith isteach ann. An gcloisir an feadán san? tuar gála seadh é má mhairim, an fhuaim do bhaineann sé as an simné: siolla caol, glórach. Nách leasc atáir ghá ól san? an feadán a theastuigheas uait?: corp nó compar fada cuasach i bhfuirm coinnlín: pípín. Bíonn feadán gen leann dubh ag teacht as an soitheach nuair polltar ar dtúis air: sruthán láidir, tapaidh. Gearradh treasna na scórnaighe é agus dá bhfeictheá-sa an feadán fola a tháinig as: fuil 'n-a sruth nár bh'fhéidir do chosc. An feadán fuail: an chanáile a bheireas an t-uisce ós na dubhánaibh go dtí an lamhnán. An feadán fuail atá aige: sruthán láidir. Ar mh'anam go bhfuil feadán maith fós aige: ná fuil tinneas uisce air.

feadar: *b.a.* a fhios agam, a fhios (ag), connus. "Ní fheadar 'on domhan cad é an bhean dob fhearra dhom" (amhrán): táim dall air ceaca do thoghfad dom féin. Ní fheadraís faic: táir dall ar do chúram: eólas ar bith níl ort. An bhfeadair sé aonnidh? nách amadán é?: an bhfuil aon eólas air (aige) ar cad atá ar siubhal agus gur mhaith leis nó gur mhaith dho fios do bheith aige air. Ní fheadraís is dócha cá bhfaghainn tigh le ceannach: an mbeadh eólas ar a lithéid agat? An bhfeadraís dom cá gcómhnuigheann T. annso?: an bhféadfá a innsint dom? Sin rud ná feadar duit: ná fuil a fhios agam. "Ní fheadar 'on tsaoghal cad dhéanfad" – "ní fheadraís, díreach (is díreach ná feadraís): is rófhíor san. Níor chuala, ní fheaca a's ní fheadar: aon chunntas beag ná mór níl agam. "An bhfuil a fhios aca go bhfuilim annso?" – "ní fheadraid in ao'chor": níl eólas ar bith aca.

fead-bhinn: *a.* ceólmhar. Ag tréadadh a chaorach ar thaobh cnuic go fead-bhinn: é ag amhrán nó ag feadghal go bog, aoibhinn. Portaire is fead-bhinne 'ná é níor airigheas riamh, chuirfeadh aoibhneas ort bheith ag éisteacht leis: is ceólmhaire a sheimeas lé n-a bhéal.

feadghail: *b.3.* (*-ghala*) do dhéanamh seadhmtha ar an mbéal gan gléas ceóil ná eile, glórghail fhada, árd, chaol, ghéar, siosarnach. Feadghail ge gaoith fén bhfothraigh: glór géar: feadán fada, géar, árd. Bí ag feadghail 'n-a dhiaidh anois, tá sé bailighthe uait: "tabhair póg do chos an ghirrfhiaidh": nuair bhí sé agat níor thugais aire dho, lean anois é. "Tabhair deoch dom" – "téighir ag feadghail!": bailbh leat! scrios! gread! "Port feadghala ist oidhche a's scéal fiannaidheachta ist ló", mar deireadh an seanfhocal, sin mar bhíonn aige seo leis, gach aon rud bunoscionn aige leis an saoghal mór go bhfóiridh Dia air! Seinn port feadghala dhom go rinncead: cuir fonn ar phort dom (mar "an Stáicín Eórnan") ar do bhéal. Bíonn na daoine ag feadghail lé droichmheas air: ag déanamh fead. Cuirfir na daoine ag feadghail fút nuair chídhfid an saghas oibre atá agat dhá dhéanamh – fead trí mhagadh. Ag feadghail ar an madra ach ní stadfadh sé: ag glaodhach le fead air. "Poll na Feadghala": poll follamh, cuasach i gcuas go ndeineann an fharraige ar a caitheamh thar n-ais as a thóin glór caol, árd, géar. Déanfadh an fear san aon rud ar dhruim na talmhan dom, níl agam ach feadghail air: glaodhach i bhfead air. Leighcididhe sean-bhróg orm go mbíonn an t-uisce ag feadghail tríotha: ag stealladh asta trí mhionphollaibh ar gach céim. Mo lámh duit leis, ar feadh mo thuairme, ach go bhfuil a chuid feadghala déanta: a lá istigh: réidh leis an saoghal. "Ní féidir bheith ag feadghail 'sag itheadh mhine" (seanfhocal): "ní thugann an gobachán an dá thráigh leis": dhá chúram in aonfheacht ní féidir choidhche.

feadhmach: *a.* bríoghmhar, éifeachtach, i ndán fóghnaimh do dhéanamh, floscach, áiseamhail: cumasach ar bheart do dhéanamh. "An bhfuil an t-inneall so feadhmach? bhí sé ar míghléas": oireamhnach chun oibre do dhéanamh. Scian fheadhmach í sin, an scian seilgeóra, ghearrfadh sí arán, feóil, adhmad etc.: scian a fhóghnas ar mhórán slighe. Sin é an buachaill neamh-fheadhmach tímcheall an tighe, ní bhfaghfá é chun oiread a's braon uisce do tharrac: gan freastalacht: gan áis. Is feadhmach an rud i dtigh rothar, dá mbeadh deabhadh ar dhuine dul in áit nó aonnidh mar sin: áiseamhail: tairbheach. Féach mar chuireann sí a cuid oibre tháirste go feadhmach gan dearmhad, tapaidh: floscach: bríoghmhar, anamamhail: go spreacamhail. An bád fé thuinn a chuaidh isteach i gcuan daingean-chosanta agus a shúngcáil long mhór chogaidh rinne a ceannphort a bheart go feadhmach: go gasta, calma. Lé teacht na haoise nílim chómh feadhmach a's bhinn nuair bhí an óige agam: chómh lúthmhar, anamamhail, éascaidh chun bearta.

feadhmannach: (**feadhmanach**) *f.1.* oifigeach, ceannphort, fear ceannais, seirbhíseach, fóghantaidhe, maor, feithmheóir. Fear galánta dá lucht oibre dob eadh é, thugadh sé deóntas do gach feadhmannach leis um Nodlaig: gach duine a bhíodh ag obair do. Ní rómhaith an feadhmannach do dhéanfá ar an gcainnt atá ort i dtaobh lucht oibre dá mbeadh aon fheadhmannas cóir agat: an saoiste: dá mbeitheá id mhaor. Tháinig feadhmannach leis an riaghaltas ag féachaint ar an gcaladh lé hinntin a scrúduighthe: fear go bhfuil beart fén riaghaltas aige. D'órduigh an feadhmannach airm ar a shaighdiúiridhibh gan piléar do chaitheamh gan a chead féin: an fear ceannais: an t-oifigeach. Chuireas isteach m'ainm chun bheith im fheadhmannach ar an scrúdughadh cinn bhliadhna: im fheithmheóir: duine go mbeadh cúram fartha air ná leigfeadh d'aon rud dul ar míthreóir.

feadhmannacht: (**feadhmanacht**) *b.3.* maoirseacht, ceannas, ionad muirearaighe. B'éigean dom an áit d'fhágaint ní fhéadfainn bruic lé feadhmannacht an ghnótha, ní raibh mo dhóthain scoláireachta orm: réir, riar, maoirseacht. Ó tháinig sé i bhfeadhmannacht thráchtála na tíre tá bail curtha aige uirthe: ionad riartha. Fuair sé bheith i bhfeadhmannacht mhaith, n-a cheann ar choláisde mór sa Róimh: ionad muirearaighe. Dhá mhí thug an riaghaltas i bhfeadhmannacht nuair buadhadh air: ag riar na dúthaighe, i gceannas.

feadhmannas: (**feadhmanas**) *f.1.* ionad, oifig, maoirseacht, ceannas, feithmheóireacht, beart, oidhreacht. An lucht ná fuil i bhfeadhmannas táid ar an mírdhéirc: iad so ná fuil ag obair. B'shiúd é bhí dubh, dílis do Shasana, níor bh'iongadh é, chaith sé a shaoghail i bhfeadhmannas an tighearna (talmhan): i bhfóghantas: ag obair do. Thuit sé isteach lé feadhmannas, sin é a thug an t-airgead do: oidhreacht. Connus mhaireann na haindeiseóiridhe sin? ní raibh lá feadhmannais aca lém chuimhne: ní raibh lá oibre. Baineann sé réal de ghach nduine a théigheas ag féachaint ar na seanfhothrachaibh, is é atá 'n-a bhfeadhmannas: ag tabhairt aire dhóibh. Cé atá i bhfeadhmannas an tighe seo indiugh?: i mbun: i bhfeighil. Dá mbeinn in aon fheadhmannas ní fada bheinn ag tuilleamh fiacha an éadaigh: in aon obair thuarasdail. Tá feadhmannas maith, tairbheach anois aige i mbun na seantáillidhe, a's tugadh aire dho: oifig. Chaith sé suas feadhmannas a shealbhaintidhe orm: d'fhág sé riar a choda fúm.

feadhmmhar: *a.* éifeachtach, bríoghmhar, cómhachtach. Dá mbeadh sé feadhmmhar ar a chúram ní brisfí é, pé cúis eile do bheadh air: i ndán a chúraim do dhéanamh go sásamhach. Deirtear ná fuil aon chléireach eile níos feadhmmharaighe ag an gcuallacht 'ná é: níos fearr ná níos cliste ar a gcúram. Thug sé buillidhe feadhmmhara uaidh: buillidhe a chuaidh i luighe gaibhte.

feadóg: *b.2.* duiseal, gléas ceóil, fliúit. Leig feadóg fé: dein glór béil (fead) ag cur misnigh air. Seimeann sé ar an bhfeadóig: gléas ceóil fada, caol, cuasach adhmaid go mbíonn puill innte lé luighe na méar ortha is "teanga" i gcóir na mbeól chun séidte trithe. Feadóg ní thabharfainn ort! an diabhal maith ionat: ní fiú faic thu im thuairm-se. Feadóg stáin. Feadóg sléibhe: éan go mbíonn screach ghéar aice a ghnáthuigheas talamh móna.

feag: *b.3.* fiacal, greim, eag. Feaganna an truireasca mhaoil ní mór faobhar do chur ortha. Sin cluiche, cuir síos feag dom: niog: eanga: clais bheag: cómhartha.

feall: *f.1.* meang, gangaid, cealg, cluain, calaois, mealltóireacht, cam, cealgrún: olc, gníomh gránda: drochchor: droichíde. Nách é an feall choidhche é gan fear a diongmhála do bheith ag mnaoi chómh fiúntach léi: drochchor, droichíde. Nár bh'é an feall é do thuiteam lé faill i mbláth a óige: an droichíde. 'sé an feall cráidhte daoine agus an iomad airgid aca, a's daoine eile a's gan na bróga féin ortha: an cor míochomhthromamhail sa tsaoghal. "Feall!" d'éigh an lucht féachta nuair bhuail imirtheóir imirtheóir eile: imirt mhícheart. "Filleann feall" (seanfhocal): an té a dheineas rud as an slighe deintear a oiread nó breis air 'n-a dhiaidh san go minic. Ná siubhal treasna na habhann ar an gclár san, tá sé leathlobhtha, "feall ar iontaoibh seadh é" (rádh): ní fhéadfá muinghin do bheith agat as. Níor lugha aige maitheas do dhéanamh duit ná díoghbháil, "feall ar iontaoibh seadh é": thabharfadh sé an cor duit, nó theipfeadh ort gan aon choinne agat leis. Thángthas i bhfeall orm, mara mbeadh san ní claoidhfí me: deineadh mo dhíoghbháil gan súil gan choinne leis. Mara mbeadh an feall do bheith 'n-a chroidhe ní bhaileóchadh chuige an rud nár bhain leis: an drochaigne mhalluighthe. Dhearbhóchainn gur i bhfeall do marbhuigheadh é: lé fóirneart: lé cleas míonáireach: i mbriseadh muinghine. An lucht fill a tháinig chughainn thar sáile: na Gaill: an dream a dheineadh gach aon rud thar chrois iontaoibh nó lé fóirneart. Leagadh i bhfeall me: gan comhthrom cóir do thabhairt. An iomad agat dhá thabhairt 'sa riar do ghach aonne ach duit féin, sin feall ort féin: déanamh míochomhthromamhail. Tá feall agat dhá dhéanamh ar lucht oibre, tuarasdal beag, tráthanna fada a's dian-obair: éagcóir throm. Níor leigeas-sa uaim riamh é sin follamh lé linn a ghanntair ach leig seisean mise uaidh-sin, nár bh'fhin feall?: cor mícheart.

fealladh: *f.* (*-llta*) do dhéanamh éagcóra, mealladh etc. Táir ag fealladh orm, níl do chion den obair dhá dhéanamh agat: éagcóir dhá dhéanamh. Aonne amháin nách féidir fealladh air, Dia: a chur amugha lé bréagchrábhadh, lé geallamhaintidhibh gan cóimhlíonadh nó lé bréithribh nách ó chroidhe. Cheannuigheas an áit lé n-a thoil sin don mbeirt againn go mbeimís leath buaidhte leath caillte; pingin ní bhfuaireas uaidh, féach air sin mar fhealladh: an cur amugha éagcórach. Mholfadh a's gheallfadh gach rud fén ngréin duit, a's annsan dhéanfadh an fealladh: ní chóimhlíonfadh pioc. Thugadh sé sa roinnt an t-iasc

garbh do féin agus an t-iasc mion don gcuid eile den gcriú; b'shin an fealladh agat: an éagcóir mhór. Ag fealladh ataoi ar gach aonne riamh: ag déanamh éagcóra agus ag cur amugha na ndaoine a chuireadh a n-iontaoibh ionat.

feallaidhe: *f.4.* duine a thabharfadh an cor duit, a dhéanfadh éagcóir ar dhuine go mbeadh muinghin aige as. Theastuigh ón bhfeallaidhe go siubhalóchainn roimis amach go bhfaghadh cao ar me do lámhach sa drom: duine neamhiontaoibheach. Ar fíge fíodha chuirfeadh an feallaidhe sin an scian id chroidhe: duine gur bheag aige beart ghráineamhail.

feallaim: *b.a. 7 n-a.* cuirim amugha, bréagaim, cealgaim: teipim ar chóimhlíonadh, ar mo dhualgas, ar an iontaoibh a bhíos asam. Ná dein aon dearmhad de bheith ann, tá do gheallamhaint agam a's ná feall orm: ná teip orm lé cluain. Dá mhéid an mhuinighin do bhí againn as agus an uile rún do thabhairt do, d'fheall sé orainn, scéidh orainn lé n-ár namhaid: bhrath sé sinn: thug sé cunntas cruinn chun ár ndíoghbhála uaidh. "Níor fealladh riamh ná fillfeadh": filleann an éagcóir uirthe féin: an té a ghníos rud éagcórach ní théigheann ó chúiteamh. D'fhealladar ó chroidhe amach orm: lé n-a lándtoil dheineadar míghníomh.

feallaire: *f.4.* duine a dheineas cleasa cama nó éagcóir, a chuireas amugha. Feallaire é sin, ná creid focal uaidh, d'innseódh sé éitheach na dúthaighe: a chuirfeadh amugha duine lé cainnt phlámásaigh. Feallaire ceart dob eadh é a mheall a cuid airgid uaithe i leith geallamhna pósta a's annsan do thréig í: mealltóir.

feall-bheart: (**feille-bheart, feile-bheart**) *b.3.* léirscrios, fuadach: míghníomh, cor cluaine. Níor ceapadh feille-bheart idir ghoid a's mharbhadh ná rinne sé: bearta déistinneamhla. Nuair fuaireadar im chodladh me thugadar an taobh istigh amach dem phócaidhibh, a lithéid d'fheall-bheart: gníomh suarach, táir. Gheall sé go ndíolfadh sé as na hearraidhe nuair bheadh a bhfiacha aige a's é thíos 'n-a phóca ar an uain sin aige, pingin ná cúiteamh ní bhfuaireas as an bhfeall-bheart san ó shoin: gníomh náireach.

feall-bheartach: (**feille-bheartach, feile-bheartach**) *a.* tugtha do ghníomharthaibh cama, fill. Nách feall-bheartach do rinne sé orm é mé do thréigean i gcorp na bruighne tréis me do dhul ag fóirthint air: cam: calaoiseach, cluaineach. Tighearna feall-bheartach a árduigheadh cíos a's a chaitheadh ar thaobh bóthair tríontaidhthe bochta gan eaga díolta: tighearna gan truagh, gan taise. Mharbhuigheadar iad go feall-bheartach a's iad 'n-a bpríosúnachaibh aca le nimh: go míoghníomhach: gan chóir gan truagh.

feall-smaoineamh: *f.1.* machtnamh cealgach cluaine. Buidheach 'o Dhia nár deineadh feall-smaoineamh riamh dom, díoghbháil mo chómharsan ná camadh ar neach: machtnamh go mbeadh éagcóir ná coir leis. Chaith sé an oidhche, gan chodladh, ag feall-smaoineamh connus thiocfadh sé ar an dtigh do chur trí theine fé choim: ag cuimhneamh go neamhchríosdamhail. Bhrathas an diabhal ag spriogadh fúm mar bhí feall-smaointe dhá dhéanamh dom connus bheinn comhthrom leis as an éagcóir a bhí déanta aige orm, é do sháthadh, do lámhach nó do loscadh 'n-a bheatha: machtnamhtha ná raibh cóir: a bhí róghráineamhail chun díoghaltais.

feall-smaointeach: *a.* do chothughadh drochmhachtnamhtha. Is feall-smaointeach an duine thu a's éileamh do bheith agat ar chuid aonne ná fuil cóir ná ceart agat chuige: ritheann teádhanna peacamhla it aigne. Nár bhfeall-smaointeach an fear é agus cuimhneamh ar é do shathadh i nganfhios chun a chúraim do chur de: an ceapadh gráineamhail, déistinneach a bhí ag rith 'n-a aigne.

feallta: *a.r.* éagcórach, cionntach i gcam: neamhiontaoibheach. B'fheallta an buille é lé tuaigh sa chúl: buille tugtha i ndáiríribh gan chomhthrom, chun mór-dhíoghbhála do dhéanamh. Is feallta an iarracht uait bheith ag scaipeadh bréag ar dhuine mhacánta: gníomh éagcórach, díoghbhálach. Gheallais céad uair dom go bhfillfeá mo chuid orm, nách feallta an gníomh uait í do bheith agat fós: cam: éagcórach: claon: mealltach.

fealltach: *a.* éagcórach: cealgach, míorúnda: neamhmuinghineach. Ní bheinn ag brath air chun rud chómh tábhachtach do dhéanamh dom, tá sé ró-fhealltach, nuair budh dhóigh leat é do bheith agat sin é díreach nuair bheadh sé uait: maide lobhtha ar iontaoibh seadh é: thabharfadh sé "cor na corróige" dhuit. Ní fhéadfadh sé é do dhéanamh níos fealltaighe 'ná an t-airgead do tugadh lé cur sa phost do choimeád aige féin: níos caime: níos éagcóraighe. B'fhealltach an imirt dó cártaidhe do bheith i ngan fhios aige: calaoiseach: cam. Ar bh'fhealltaighe aon rud duit ná díombáidh agus neamhchoinne do chur orm tréis an mheasa go léir agus na muinghine do bhí agam asat?: aindílis.

fealltacht: *b.3.* cam, aindílse, éagcóir dhíoghbhálach. Lé fealltacht leig sé air lém mhnaoi go bhfuair sé leitir uaim ghá rádh leis ár dtigh do cheannach, rud ná fuair, a fháig sinn gan scailp os ár gcionn: calaois: camasghail. An fhealltacht do deineadh air, é do mharbhadh 'n-a chodladh, a's é geallta dho ná raibh baoghal air faid bheadh sé 'n-a bhráighe aca: briseadh ionnracais.

fealltamhail: *a.* conntabharthach, cam: cealgach: míorúnach: neamhiontaoibheach. Ainmhidhe fealltamhail í sin, an sean-chorreach san, fan ó n-a deireadh, speachfad thu ar luighe na súl: conntabharthach: níl sí ionmhuinghine. Bí aireach, tá scian ar iomchar aige sin, fear fealltamhail gur ghearr an mhoill air áis do bhaint aiste: ná féadfá iontaoibh do chur as. An lá is breághtha do tháinig riamh ar an bhfarraige seachain tú féin uirthe, tá sí fealltamhail: ní fhéadfá seasamh uirthe.

fealltóir: *f.3.* meangaire, mealltóir, camaire, cealgaire, brathadóir. Faic níos measa ní fhéadfadh a dhéanamh ach bheith 'n-a fhealltóir a's iompódh lé namhaid a thíre: an mhuinghin do cuireadh as do thréigean agus an méid a bhí ar fios aige do thabhairt uaidh chun díoghbhála a dhúthaighe. Cheapas ná rabhais it fhealltóir chómh mór a's go dtabharfá mo rún d'aonne: cealgaire: duine gur cuma leis cluain do bhualadh. I rith na feadha ar fad do leig sé air léi gur bh'í a bhean dílis í, agus triúr eile pósta aige ar an gcuma gcéadna, b'shin an fealltóir agat: duine a bhí ag cur ban amugha lé n-a thoil. Aonne amháin nách féidir lé neach do bheith 'n-a fhealltóir leis Dia: nách féidir leis Dia do mhealladh ná do chur amugha.

fealltóireacht: *b.3.* camasghail, mealladh, meang, cluainireacht, coirptheacht, ropaireacht. Deineadh fealltóireacht orm gan aon mhírdéirc do thabhairt dom: gan faic sa tsaoghal agam, daoine eile ghá fagháil a's ba as talamh aca: camasghail: leathtrom éagcórach. Fealltóireacht daoine do bhreith isteach thar paróiste ag obair ann a's gan obair do thabhairt do mhuinntir na háite féin: camasghail: éagcóir: mícheart. Bír ag fealltóireacht orm, ag leigeant ort bheith mór liom, a's annsan ag gearradh mo scórnaighe laistiar díom: mealladh go claon.

feam: *b.3.* an chos mhór fhada lúbach a bhíos ag feamnaigh: bod fada: earball. An fheam earbaill a bhí ar an eascúin úd bhí faid do láimhe ann. Tá sé 'n-a fheam fir anois: 'n-a fhear fhada, láidir. Nách í an fheam í?: bean árd, scafánta. An-fheam atá ag an stail sin: bod fada. An bhfuil a fhios agat cad dhéanfadh maith dhuit-se, "feam do thabhairt duit": bualadh maith mar déanfí lé lasc. Chasfainn ar a chéile thu mar dhéanfainn feam thrágha: bhuadhfainn "lán do shaic" ort. Na feamanna géag atá fé: géaga móra, fada.

feamach: *a.* earballach, fada. Iasc feamach seadh eascú: go n-earball fada. Tá an capall feamach a dhóthain, ag scuabadh na talmhan: faid-earballach.

feamaire: *f.4.* duine árd, ainmhidhe fada, scraiste díomhaoin. Is mór gurb áile leis bheith 'n-a fheamaire ó bhothán go bothán 'ná lá oibre do dhéanamh do féin: 'n-a dhuine dhíomhaoin sínte siar ar a chraodó leath a bheathaidh. Feamairidhe teasbaigh iad san, na siopadóiridhe sin ná fuil lé déanamh aca ach airgead na ndaoine do thógaint: lucht díomhaointis. Ní haon iongadh dho neart do bheith sa bhfeamaire: is fada go bhfeacaidh sé braon dá chuid alluis: fear díomhaoin, deaghbheathach gan faic ghá bhuaidhreamh ach aire do thabhairt do féin. Feamairidhe fear, is mór an náire dhíbh bheith ag gabháil den asal bhocht san: fir mhóra, láidre. Ní fearra dhuit bheith it fheamaire annsan 'ná lámh chónganta do thabhairt mar a n-oireann sí: duine deargdhíomhaoin.

feamaireacht: *b.3.* faoibínteacht, scraistidheacht, "ag caitheamh tóna", ag imtheacht deargdhíomhaoin, gan ghnóth gan chúram. Imthigh a feamaireacht, anois, is breágh dhuit é, ambaist, má sheasuigheann duit: imthigh duit féin gan suim ná áird in aonnidh. "Cad tá dhá dhéanamh agat an aimsir seo?" – "faic, ach feamaireacht": díomhaointeas a's faoibínteacht: ag imtheacht tímcheall "chómh díomhaoin lé bacach a chaithfeadh a mhála dhe". Cuir uait an fheamaireacht agus dein rud éigin: an dúmas oibre a's gan faic dhá dhéanamh agat. Tá sé ag feamaireacht amach annsan do féin: "ag caitheamh a thóna": díomhaoin glan.

feamghail: *b.3.* ag gabháil tímcheall go díomhaoin: ag imtheacht lé n-a phoc. Ag feamghail dom féin i rith mo shaoire: ag imtheacht san uile áit go mbeadh mo thoil air. Dá dtagthá in am chun é do bheartha leat bheadh agat, tá sé fachta ag duine eile anois, a's téighir ag feamghail: dein gan é a's é tuillte agat. Thugas iarracht ar bhreith ar an gcapall, léim sé a's d'imthigh uaim ag feamghail fén ngort: "ag caitheamh a thóna", ag rith 'sag damhas gan spleádhachas liom. Bídís ag feamghail dóibh féin anois, na hiascairidhe bochta nuair ná fuil luacht ar an iasc: ag gabháil tímcheall go díomhaoin, easbhaidhtheach. B'fhearr liom bheith ag feamghail 'ná bheith ag treabhadh na drochthalmhan san: ag siubhal tímcheall díomhaoin.

feamnach: *b.2.* plannda mara. Scothán feamnaighe: an tor a fhásas ar an bhfeam mar bheadh an tor ar an gcraobh. Feamnach dhubh a baintear den gcarraig. Feamnach bhuidhe a thagas isteach 'n-a raic a thuiteas uaithe féin.

feannadh: *f.* (*-nta*) an croiceann do bhaint d'ainmhidhe trombhualadh, lomscriosadh. Táim dom fheannadh annso im sheasamh gan chorruighe fén bhfuacht: an croiceann dhá bhaint díom aige. B'é mo chúram don bhrothaire bheith ag feannadh do: ag baint an chroicinn des na hainmhidhthibh do mharbhuigheadh sé. Ní rómhaith an chrích a chuaidh air a's é tuillte aige, is é a bhíodh ag feannadh na mbochtán go dian dícheallach ag árdach luach ortha: ghá scrios. Fear croidhe mhóir nár bh'fhada an mhoill air púnt d'fheannadh: "an croiceann do bhaint de": é do chaitheamh go rabairneach gan tormas. Bhain an dochtúir dachad púnt de as é do chur fé liaghsceanadh, an duine bocht, nár mhór an feannadh é: an t-éirleach ar airgead. B'fhéidir ná tairriceófá ort airís a theanga súd chómh tric airís, fuairis feannadh má fuair fear bán riamh é, a lithéid d'íde bhéil níor airigheas riamh: ionsaidhe nár fhág thíos ná thuas ort é.

feannadóir: *f.3.* fear bainte croicinn, ceannaidhe seithidhe, báirseóir. Feannadóir gan cháim seadh í nuair bhíonn an cailín dearg (teanga) ar siubhal aice: callaire: cáinseóir. Níor bh'fhiú dhuit an seithe do bhaint d'ainmhidhe anois ar a bhfaghfá air ó fheannadóir, iad go léir ag gearán go mbíd pollta gen mbiarsail. Is maith an feannadóir scine í sin agat, budh gheairrid an mhoill uirthe seithe do scaradh: scian fhaobharamhail.

feannaid: (**feanaid**) *b.2.* fuacht nimhneach, fuacht do gheóbhadh trí dhuine. "An fuacht 'san fheannaid in éinfheacht" (rádh): fuacht a's géire gaoithe. B'shiúd é lá na feannaide, gheóbhadh sé trí chlár daraighe: an lá go raibh an duibheacadh agus an nimh ann. Tagann feannaid annsúd ar an áit scéirdeamhail úd, maith a dhóthain d'aon fhear bán a fhulang. Ghaibh an fheannaid tríd go cnámh gur buaileadh breóidhte é a's nár éirigh: fuacht géar, gomhamhail na haimsire.

feannaideach: (**feanaideach**) *a.* an-fhuar ar fad: "gearrthach", scéirdeamhail, argail. Lá feannaideach ná féadfá do cheann do chur thar doras gan "an smuga do bhaint díot": "chómh feannaideach le sioc". Cad is feannaidighe 'ná oidhche gheimhridh do chaitheamh ar thóin báid béaloscailte: is fuaire a bhainfeadh an cneas díot, a reódhfadh thu. Nách feannaideach an áit gur thóg sé a thigh ar an árdán san, gach gaoth a's síon ag gabháil stealladh dhe: áit scéirdeamhail, oscailte, gan scáth, gan foithin.

feannaim: (**feanaim**) *b.a.* bainim an seithe, an croiceann de, scriosaim, deinim éirleach ar. A dhiabhail! cuir rud éigin it fhascadh nó feannfaidh an duibheacadh so thu: bainfidh an croiceann díot: gheóbhair do bhás den bhfuacht. Feannann na siopadóiridhe i gcómhnaidhe lé linn cogaidh, aon chao chun luach d'árdughadh: bainid oiread díobh as earraidhibh agus is féidir leo gan truagh: daoirsighid ó thalamh. D'fheannfadh san thu ar fheóirling: dhéanfadh sé an rud is fealltamhla ar son airgid. Níor fhág an t-arm buacach faic sa cheanntar ná gur fheannadar: gur scriosadar: gur bhailigheadar leo.

feannaire: *f.4.* feic **feannadóir**

feannta: (**feanta**) *a.r.* pollta, scriosta, fuacht gabhtha ag: caithte. Tagair abhaile nuair bhíonn deireadh feannta agat, ar nós aon bhacaigh: caithte, scaipighthe. Leathta, feannta fén sín annso gan chlúid gan scáth: an fuacht gabhtha tríom. Ag díol amach airgid ó mhaidean go bhfuilim feannta, a's gan cianóg ar thóin mo phóca: dealbhuighthe. Chaith sé piléar tríom sheanhata, d'fhág sé chómh feannta le criathar é: lán de phollaibh. Caora feannta ar crochadh gen mbrothaire: an seithe dhi.

fear: *f.1.* duine, fireannach den gcinidh dhaonna: fireannach lánfhásta, céile: duine fearamhail: daon: feadhmannach: cuanaidhe. "Raghad-sa ag cabhradh leat" – "beidh fear agam mhuis" (leamhas): cabhair mhaith. Bí it fhear i ngach áit dá ngeobhair: dein mar dhéanfadh duine a chuirfeadh meas agat air. Dá mbeadh fear ann gur bh'fhearr leat é, níor bh'aonnidh liom géilleadh dho: fear gur bh'fhiú leat éisteacht leis. Ná dein aon iongadh den dteallaire sin, tá sé sin 'n-a fhear anois: meas aige air féin mar bheadh ag fear ceart in aois agus i ngníomh. "Tairngidh ó chéile é (an súsa)" (seanfhocal) mar dubhairt fear láir an tsúsa: triúr fear i leabaidh, an bheirt ar an dá thaobh ag tarrac ó chéile, ní fhágann san ná go mbíonn a chuid ag an bhfear láir. Sid é m'fhear-sa ag teacht: an té go rabhas ag feitheamh leis nó ag súil leis. Raghaimid libh (i gcomórtas) fear ar fhear: an líon céadna ar gach taobh. Bhíodh sé ghá dtreascairt fear ar fhear mar thagaidís treasna air: duine i ndiaidh duine. Fág fé fhear é sin, ní tusa atá ábalta ar é do dhéanamh: fé dhuine atá i ndán a dhéanta. In áit go mbeadh (an) fear ní bheadh sé ag éisteacht leat: duine fearamhail. Connus tá an fear aosta?: an té is sine sa tigh: ceann an tighe. Fear ar aonnidh seadh é agus é go minic foillsighthe aige: duine oireamhnach d'aon rud a thiocfadh treasna air. Ní fear treabhtha ná rómhair é, cad air gur maith é?: ní heólach é do bheith i ndán faic do dhéanamh. Leig don bhfear thall, a's leigfidh an fear thall duit: an duine ná baineann leat, cómharsa, duine deóranta. "An raibh aonne eile láithreach acht tu féin?" – "ní fiú fir an chapaill bháin": neach ar bith. Sid iad mo chuid fear-sa: na daoine go bhfuilim mar cheann ortha nó atá ag obair dom. Ná bí ag cainnt i dtaobh dhaoine, bhí fir an domhain ann: sluaighte. Ní bhead-sa ag déanamh fir ghuirm díom féin leat: ag déanamh rud éigin as an slighe ort: ag déanamh ruda ná fuil fonn ar aonne eile do dhéanamh. Tá sé 'n-a fhear gorm 'n-a measc ó dhein sé an beagán san as an slighe: ceann tógtha ges gach aonne dhe: 'n-a phaor aca. Chuir an feirmeóir fear bréige 'n-a sheasamh san ithir chun eagla do chur ar éanlaithibh an aoir ón síol: bréagóg. Nuair chuala sé glór an tslabhraidh a's ná feacaidh aonne é cheap sé gur bh'é an fear mór féin a bhí ann: an diabhal. Fear meádhonach ná eile ní theastuigheann uaim-se i socrughadh an achrainn seo idir an mbeirt againn, socróchad gan teasardhain aonne é: fear réidhtigh. Fear dlighidh: atúrnae: cómhairle. Is mór an fear dlighidh é, 'on chúirt leat ar an gcúis is lugha: duine ceanamhail ar bheith i ndlighe. Cé hé an fear cinn atá oraibh chun labhartha ar bhur son?: ceannródaidhe, stiúrthóir. Tá fear fartha i ngach ball gur dhóigh go dtiocfadh an namhaid: duine atá ar aire lé teacht na namhad. Ceaca fear cúil bhur bhfuirinne: an fear a bhíos ag cosaint an bháide. Fear seadh gach aon bhlúire dhe, tá nimh air, a dhuine, féach an clódh oibre atá air: lúthmhar, láidir, pras. Fear beartha, déanta ná leigfeadh leathcheann ar neach: misneamhail, neamheaglach chun a chion do dhéanamh. Fear beartha, déanta b'eadh fir Sheachtmhain na Cásca: fir chródha, dhúthamhla. Bhuail fear siubhail isteach chughainn lé faobhar na hoidhche a's d'iarr bheith istigh go lá: bacach, fánaidhe gan áit aige dho féin. Fear mór i mbaile beag é sin, duine nách beag aige é féin, a cloisfear 'sa

chídhfear in aon áit go mbeidh sé: fear mórthábhachtach ann féin: atá rómhór dá bhrógaibh. Bíodh an fear maith agat, ní raghad ag áiteamh leat ar nidh ná fuil ar eólas agam: an buaidh. Gheóbhaidh sé an fear maith ort, an fealltóir, mara seachnair tu féin air: buaidhfidh ort: beidh an lámh uachtair aige: an lá. Ní leigfinn an fear maith lé haonne gan fios fáth: a thoil do bheith aige. Fear láir na gealaighe: an samhladha atá innte gur dóigh gur fear é a's scothán aige mar dhuaidhnéis. Fear faladh, ní maith an earra é mar chómharsain, is deacair bruic leis: go mbíonn an drochaigne aige chun díoghbhála do dhéanamh nó sárughadh ar chách. Is cráidhte an saoghal ag an bhfeirmeóir bocht é gach aonne ag brath air – fear an chíosa, fear an tsiopa, fear na bhfiach: an té go mbíonn airgead amuigh aige. Báthadh an uile dhuine aca, ní tháinig fear innste scéil beó: oiread agus caonaidhe a aithriseóchadh connus mar thárla. Fágtar an cúrsa anois fé fhear na headarghabhála, réidhteóchaidh san 'n-a cheart eadrainn. Fear déanta na síothchána: an réidhtigh. Cá bhfuil fear na cainnte go léir ó chiainibh anois?: an té ná leigfeadh smiog as aonne eile. A fhir m'éilighthe, fág me a's ná cuir cathughadh orm: an té atá d'iarraidh me do chur ar m'aimhleas. "An raibh aonne ag cur mo thuairisce?" – "níor bhuail fear t'éilighthe liom": duine a fhiafróchadh oiread a's an rabhais beó. Scéidh duine éigin orainn, "bhí fear ár mbraithte 'n-ár gcuibhreann" (seanfhocal): an té go raibh ár rún aige a's é 'n-ár gcuideachtain chuaidh sé a's dhíol sé leis an namhaid sinn. Fear foghla na hoidhche: duine a bhriseas isteach i dtighthibh le hinntin fuadaigh. An-aosta dho anois, bhíodh sé 'n-a fhear brataigh ar chruinnighthibh in aimsir Pheáirneil: is é d'iomcharadh an bhratach. Sid é an fear labhartha atá againn, an rud atá ar maoith againn, déarfaidh so: an té go bhfuil sé curtha againn air ár gcúis do chur in iúil. Bíonn príntísigh aige agus beirt nó triur fear tuarastail: fir fostuighthe: oibrightheóir a bhíos ag obair ar a phágh lae. Dá mbeadh aon phioc den bhfear ionat ní leigfeá do bhuille le haonne: aon phreab. Tá trí shaghas fear ann, fear an ghrafa, fear an fhiadhaigh agus fear na gaoithe (móire): oibridhe: an té a bhíos ag lorg aoibhneasa, agus an bladhgaire. An fear tosaigh sa bhád: an té is sia amach. Bhíos ar an bhfear tosaigh ag teacht isteach: an chéad duine. B'é an fear donn déidheannach do shaoileas a theipfeadh orainn, bhí an oiread san muinghine agam as: fear ná cuimhneóchainn ar a lithéid do shamhlughadh leis. Fear meisce: póitire. Níl aon bhaoghal ná gur maith an fear taca atá agat, is ort ná beidh ceal na cabhartha: cúlaistín: duine a thugas a chóngamh. Fear leanamhna dhómh-sa é sin: duine a chabhras liom: duine go bhfuil báidhidheacht nó gaol aige liom. Fear gorta "ná feicfeadh a chroidhe dá mbeadh sé ar a bhais" aige: duine suarach: sprionnlóir. Fear maith seilge é sin: fear a bhailigheas chun an tighe cuid mhór fiadhaigh, éisc nó aon rud go mbíonn ar a thóir. Fear mór ban: fear go mbíonn éileamh aige ortha nó gur mian leis bheith 'n-a gcuideachtain. Fear as an gcéad a dhéanfadh é: corrdhuine. "Fear fiorghalánta" – "fear as an gcéad": duine gur b'annamh do bhuailfeadh a lithéid umat. "Aithnigheann fear na holna dhíol fear na holna cheannach": an té go mbíonn rud aige chun a chúraim do chur de bíonn a fhios aige cár cheart do dul leis. Droichfhear báid: bádóir olc. Fear maith! a bhráthair, tá obair niamhair déanta agat: mo chuisle thu. Mise fear coimeádta m'anama féin a's caithfead mo bheatha mar is mian liom: mise mo mháighistir féin. An sagart fear ionaid Dé: teachtaire. Bead-sa im fhear taisce agaibh, caithidh chugham bhur gcuid airgid: bead-sa mar choimeádaidhe air. B'fhéidir gur dochtúir é ach ní fear leighis é: níl sé ábalta ar neach do chneasughadh ná a shláinte do thabhairt do. Fear léighinn: go bhfuil foghluim mhór air. Is cliste an fear cómhráidh é, fáidheamhail, líomhtha: bríoghmhar i gcainnt: duine gur shubháilceas leat bheith 'n-a chómhluadar cainnte. Fear beó níor mhair

díobh. Tusa an fear do chuir in éisteacht go pras é: sás a chlaoidhte. Caith uaim, ná bodhar me leis, ní fear ar maidin ná tráthnóna é: spreasán. Fear ar gach aon chuma go maidean ambáireach seadh é: togha duine ar gach slighe. Fear maith ar mhaide rámha é: rámhaidhe líomhtha. "Ní fear in ao'chor dom thú", ar sise a's baile uirthe, "scrios uaim!": ní fiú thu me bheith mar chéile agat. Fear os chionn gach aonne, dar leis: ná fuil a chómh lé fagháil. Fear fé bhun gach aonne mise, geallaim duit: fear réadhchúiseach, gan aon tóirtéis. Ní thiocfadh an chainnt sin ó fhear gur bh'fhearr é: fíorfhear: fear diongmhálta. Fear lém fhocal seadh me: cóimhlíonaim an rud do gheallaim. Ní dubhairt riamh é ach fear lé fuaimeant: fear ciallmhar, forasta. Fear fireann é sin: cródha, misneamhail ná cúlfadh ó namhaid ná ó chonntabhairt. Fear ar an bhfán anois é: atá claoidhte: imthighthe gan treóir. Cá bhfuil fear na talmhan?: an té gur leis é. Cad air go dtugair fear? – fear baineann: fear gan an phreab cheart ann. An fear is fearr ar ár gcinidh: an fear maith againn go léir. "Gidh is mian liom a fhios do bheith agaibh gurb é Críosd ceann gach fir agus an fear ceann gach mná, agus gur b'é Dia ceann Chríosd" (1. Coir. XI. 3). Fear lé Dia é sin, tá ádh éigin air ná tárlóchadh faic do: de chuid dhílis Dé é. Ná cuireadh neach agaibh cruisteach ar an aindeiseóir sin, fear lé Dia é: sé toil Dé é do bheith ar an gcuma san a's tá a bhun féin leis. Choimeád sé greim an fhir bháidhte ar an bpúnt deireannach: greim mar bhéarfadh fear dá bháthadh ar rud chun a shaortha. Fear cacanta aonne a bheadh ag éisteacht go faon lé duine ag cur éithigh ar a athair: duine gan bhrigh, suarachán gan sprid. "Fear na bó féin fé n-a hearball" (seanfhocal): gan bheith ag brath ar chách chun do choda oibre. Ar an ngaoith mhóir agus bladhgar a bhí air budh dhóigh gurbh é fear mharbhtha céad (d'aon bhuille) a bhí ann: gaiscidheach. Buailimsciath fir seadh é ná deineann gníomh maith ná olc thar theórainn a theangan. Fear feasa go cruinn seadh thu, dubhraís go mbeadh cogadh ann a's gan aon deallramh go mbeadh, a's tá: gur féidir leat fáistine do dhéanamh ar nidhthibh roimh ré. A fhir na leapan, éirigh, a's cuimil an brach ded shúilibh: codlatánach. Fear aithrise é sin ar gach aonne ach air féin: a bhíos ag déanamh seóidh fé dhaoinibh eile, ag trácht a locht 'sa n-éasc. Fear maith aithrise é chun slachta do chur ar eachtra: scéaltóir: scéalaidhe. "Is dóigh lé fear na buile gur b'é féin fear na céille" .i. an té a bhíos as an slighe dar leis gur aige féin a bhíos an ceart a's ní chómhairleóchadh Éire é. "An dtáinig sé thar n-ais riamh ó shoin?" – "ní tháinig ná fear scéil uaidh": aon teachtaire: duine go mbeadh a thásc nó a thuairisc aige. Ní rabhais féin nó fear scéil uait ar an láthair: duine it ionad. Saosúir na bliadhna – fear mharbhtha na ngort (an geimhreadh), fear ghearrtha na mart (an t-earrach), an fear fada, lúbach, breac (samhradh), an fear fada fionn, geal (an fóghmhar). Baintreabhach fhir: fear go mbíonn a bheanchéile marbh. Cad tá ann ach fear ó indiugh go dtí inné: díreach 'n-a fhear. Fear fuar: scraiste fir. "Is maith iad na fir go haimsir chaithte a gcuid" (rádh) sin mar dubhairt an bhean tormais go raibh an mhitheal aice". Mairbh an fear thall sara marbhuighidh an fear thall thu" (seanfhocal): bíodh an chéad mharbhadh (bhuille) agat: bíodh agat sara mbeir aige. Ainscian fir ná fuil aon choir lasmuigh de: drochdhuine críochnuighthe. Bheinn im fhear leis an té a bheadh 'n-a fhear liom: galánta. Fear lé ciall é sin ná leigfidh aon rud ar bóiléagar uaidh: fear a chaitheann meabhair lé gach rud. Mise fear do churtha: "an sagart udhachta a bheidh ort": mise a ullamhóchaidh leat. Níor cuireadh ár gcás in iúil don gcruinniughadh, mar ná raibh aon fhear labhartha againn: duine a mhíneóchadh cad bhí uainn. "Is buan fear 'n-a dhúthaigh" (seanfhocal): is fearr d'oireann a thír dhúthchais do. "Fear ag lorg bráca a's fear ag lorg subháilcis" (rádh): duine ghá chur féin chun duaidh nár ghábhadh dho faid a's bhíonn duine eile ghá

aoibhneas féin. Lá greithileánach fóghmhair an lá ambáireach, (bíodh) "gach fear 'n-a bheirt": deineadh gach duine a chroidhe díchill: cuireadh gach nduine é féin chun a aon bheart. Connus dhéanfaidís aonnidh, "fear ag sáthadh a's fear ag cúladh": gan cur lé chéile ná cur chun cinn ionta. "Is iad na fir mhaithe phósann na mná gan spréidh" (seanfhocal): pósann an fear ceart an cailín is taithneamh leis. "Tuigeann fear léighinn leathfhocal" (seanfhocal): an té a bhíos géar ní gábhadh gach rud do mhionscrúdughadh dho. "Ní hiad na fir mhaithe bhaineann an fóghmhar go léir, ach is iad na fir mhaithe phósann na mná gan spréidh" (seanfhocal): pósann an fear spirideamhail an bhean is taithneamh leis. "Caraid na mban sa chúil, caraid na bhfear sa tsiubhal" (seanfhocal) .i. cuireann bean an tighe fáilte roim a daoine féin agus tugann cóir bídh agus dighe dhóibh, ach is éigean do charaid a fir bualadh leó gan aon chóir do chur ortha.

fear-: (**feara**) (*fir-*) *i gc.fh.* fireann, feardha, mascal. Connus bheadh piscínidhe ag an gcat san a's gur feara-chat é: cat fireann. Fear-asal chómh láidir lé gearra-chapall: asal fireann.

féar: *f.1.* an lubhraidh nó an glasrach coitcheann a fhásas ar an dtalamh. "Cad mar gheall air siúd go mbíodh aithne againn air?" – "is fada ag tabhairt an fhéir é": marbh. "Cad é an saghas áite é?" – "inneósad-sa san duit, níl féar ná foillse ann": aon rud ag fás ná aon teasbánadh go mbeidh. Cuir an capall ar féar: scaoil amach ar ghort nó ar pháirc é ag itheadh dho féin gan obair do bhaint as. "Sé tuairm Sheáin nách fada sheasóchaidh an cogadh so" – "ní dheinim-se ach féar faille dá chainnt sin": fastaoim: ceann ar bith do thógaint de. [Ní féidir an féar faille do chaoineadh (shábháil), dá bhrigh sin, an canamhain]. Níor shiubhal fear an fhéir riamh is carthanamhla 'ná é: an talamh. Féar faille aca anáirde go hadharcaibh ortha: árd, trom, saidhbhir. Féar tirim: féar caointe (sábhálta). Féar glas: a bhíos ag fás. Ní fuláir nó siubhluigh sé ar an bhféar gorta ar an ocras atá air: féar cnuic gur dhóigh lé duine ar shiubhal air go dtagann fainne ocrais air gan mhoill. Scrios an Ghearmáin an Phólainn go féar!: dhein sí léirscrios uirthe. Sin í an Chómhairle Chonndae go bhfuil an deallramh leo, go bhfuil an t-íoc gearrtha go féar aca: laguigthe: íslighthe. Tá an fhaid sin ó thuit sé amach anois nách cuimhin liom i gceart cad do thárla, tá sé dulta sa bhféar orm: san eagar, sa mhuileann: scaipighthe as mo chuimhne. Ní féar atá annsúd, a mhic ó, ach féar corráin: féar fada, trom. Táir ar an bhféar milis duit féin: ag déanamh go maith. "Cad é an méid talmhan atá agat?" – "féar deich mba": oiread agus chothóchadh an méid sin. "'Sa gruaig bhí scaoilte síos go féar": ar sileadh go talamh. "Agus ar n-a aithne don phobal suidhe ar an bhféar etc." (Matha XIV. 19): ar an dtalamh glas. "Dá bhfeictheá ag cur de é, ag cur féir a's uisce ó n-a chosaibh": ag gluaiseacht go mear, tapaidh, Brostaigh má bhrostuighis riamh, ná fásadh puinn den bhféar féd chosaibh: dein deabhadh thar dheabhadh. Tréis na breóidhteachta bhí sé chómh lag lé ruibe féir: seamair amháin. "Níl neart ruibe féir ann" (rádh): an-lag. "Gheibheann an capall bás faid bhíonn an féar ag fás" (seanfhocal): fuar ag duine bheith ag brath ar rud ná fuil ann a's gábhadh ar an láthair leis. Fásann bramh-fhéar an domhain eile i bprátaidhibh: féar fada, righinn, trom. Fág an gort san fé fhéar: mar móinfhéar, le baint uair sa mbliadhain. Féar tirim: féar a spealtar a's a caointear i gcóir foráiste. "Sabháil an féar lé linn na gréine" (seanrádh): nuair gheibhir an chao ar rud do dhéanamh nó do chur thart chun críche, dein é": "ná fág fuighleach an lae indiugh fé mhargadh an lae ambáirigh".

féarach: *f.1.* inbhear, ingheal, inghealtas, inghear. Mara mbeadh an bhradaidheacht do bheith ionta níor ghábhadh dhóibh bheith ag dul i bhfoghail ar neach, mar tá féarach a ndóthain aca: go leór féir. Chaith sé an lá i bhféarach a dhóthain de ghach rud aige in aisce: ar a thoil féin maidir lé biadh agus deoch. Íoc an féarach as do bheithidheach: an t-airgead atá ag dul uirthe as í do chothughadh ar fhéar glas. Tá beithidhigh ar féarach (beithidhigh féaraigh) agam air: ar an bhféar glas dhá gcothughadh.

fearadh: *f.* (*-rtha*) dortadh, sileadh trom, tabhairt mhór. Ag fearadh deór do bheadh choidhche airís i ndiaidh mo laogh bléineann: ag gol go fuidheach trí bhás mo leinbh. Budh dhóigh leat uirthe ag fearadh fáilte rómham go raibh buidheachas an domhain aice orm: ag cur fáilte gan stad. An Bráthair Bán ag fearadh a bheannacht ar an bpobal: ag tabhairt a bheannacht go hiomadamhail, fairsing.

fearaim: *b.a.* bronnaim, cuirim roimh. Fearaim fáiltidhe geala rómhat: cuirim mórchuid fáiltidhe rómhat go croidheamhail. Fearadh deoch go flúirseach orainn: tugadh dúinn í gan doicheall. Fearann sé seódh bronntanaisidhe na gile gréine ar a cháirdibh um Nodlaig: bronnann go laimhthighiseach.

fearaistighe: *b.4.* ordughadh, crích, saothar, iomartas, críochnamhlacht. Tigh gan aon fhearaistighe é, ní deintear aon rud i gceart ná i gcóir ann ach tóin thar ceann: gan aon riar. Fearaistighe ag baint leis ná leigeann d'aon rud d'imtheacht lé sín ná lé bóiléagar ach iad feistighthe, gasta aige: riar agus órdughadh. Is beag cinidh go bhfuil an oiread fearaistighe ag baint leó a's tá leis na Franncaigh: cuirid an phingin bheag ar an bpingin mhór: críochnamhlacht: saothar bailighthe: cnuaisciún. Cé gur bheag a thuarasdal, bhailigh sé airgead lé n-a fhearaistighe: an dúil agus an fonn do bheith in adhmannas agus ag síorthuilleamh chun coigealtha.

fearamhail: *a.* mar is cuibhe d'fhear, ní headh ar nós leinbh ná mná, daingean, cródha, misneamhail, teann, fearanta. Nách fearamhail an blúire beag é, an gcloisir an tslighe dhána do labhrann sé: cuma an fhir mhaith, mhisneamhail air. Is neamhfhearamhail an fear é, bheadh sé ag itheadh 'sag ól i rith an lae i gcuideachtain gan a fhiafruighe d'aonne an raibh pus air: gan aon speach. Rinne sé gníomh fearamhail dul i dtacaidheacht an taoibh laig: gníomh budh mhaise d'fhear. B'fhearamhla dho go mór bean do scaoileadh tharais gan tarcuisne do thabhairt di: b'é budh chuibhe dho. Léim sé isteach 'on bhfarraige go fearamhail a's é ag geirefhliuchaidh chun me do shaoradh ó bháthadh: go dána: neamheaglach. Garsún ró-fhearamhail é sin, tá an iomad cainnte aige dá aois: rócharraisteamhail: é ag tarrac rudaidhe air amhail a's dá mbeadh aos fir aige.

fearaidheacht: *b.3.* uaisle, dánaidheacht, iomad láin a's tóirtéise. Chuir sé cor coise fúm i bhfeall a's shín ar mo smusaigh me lé n-a chuid fearaidheachta: lé n-a fheabhas d'fhear, dar leis. Tá san lán suas d'fhearaidheacht: is mian leis bheith ghá chur féin in iúil agus á fhoillsiughadh ná fuil puinn mar é féin. Chómh luath agus chonnaic lé leathtrom a's leithleachas dhá dhéanamh orm ameasc na coda eile thaobhuigh sé liom, níor scar an fhearaidheacht riamh leis: an rud budh chuibhe d'fhear misneamhail, galánta do dhéanamh. Dá bhfeictí garsún ag tabhairt fé rud do dhéanamh a bheadh mós maith

d'fhear fhásta déarfá – 'ó, an-fhearaidheacht ar fad' .i. an-mheas air féin: clódhchas: aibeamhlacht na hinntine roim ré.

fearamhlacht: *b.3.* tréithe fir mhaith, cródhacht, dánaidheacht, spirideamhlacht, misneamhlacht. Dá mbeadh aon phioc den bhfearamhlacht ag baint leat ní éisteófá le haonne ag tabhairt tarcuisne dhuit gan iachall do chur air í do chur 'n-a bhrógaibh: tréitheacht fir: spirideamhlacht. Fearamhlacht ó bhonn trácht seadh é: ar gach ócáid go mbeadh gábhadh leis d'fhoillseóchadh sé gur fear maith é: ná raibh aon mheathtacht ag baint leis. Budh dhiail é de dhuine bheag agus tabhairt fé rud chómh deacair leis, fearamhlacht ar fad é: dánaidheacht. "Nár bh'ait an duine é agus cur isteach ar bheith 'n-a Theachta Dála agus a fhios aige ná beadh na daoine leis" – "cá ngeóbhadh an fhearamhlacht?": an clódhchas: an mhórmhuinighin as féin. Thug sé biadh agus deoch siar síos do n-a raibh láithreach, níl fearamhlacht lasmuigh dhe: galántacht, flúirse agus féile. Sé an locht is mó atá agam air an iomad fearamhlachta do bheith ag baint leis: an teasbánadh go léir gurb é féin an fear ar gach cuma go maidean. Nuair chídhfí duine ag déanamh éagcóra d'éighfí air – fearamhlacht!: uaisleacht.

féaránach: *f.1.* ainmhidhe do cuirtear ar fhéar glas chun duine eile: féar glas coimeádta speisialta lé haghaidh beithidheach do reamharughadh. Ní féar atá ar an áit úd ach féaránach: féar saidhbhir. Bíonn beithidhigh féaránaigh aige mar ná féadfadh an talamh d'oibriughadh gan chabhair: féar a chuid talmhan fostuighthe chuige sin. Féach ortha, nách iad atá ar a dtoil, táid ar an bhféaránach is áile leó: i seascaireacht, in ionad go bhfuil teasbach bídh is dighe ortha.

fearann: *f.1.* talamh, talamh fairsing, reáthach. Cinnfhearainn: an méid de ghort i mbun 'si mbarr do fágtar bán gan treabhadh. Táim gan fearann gan tigheas: níl talamh lé cur agam ná coimeád tighe ná an tigh féin: lom: scriosta. A chuid talmhan ar fad ag imtheacht 'n-a fhearann bán: gan cur, gan saothrughadh. Scaoil amach fén bhfearann an stoc: amach fé fhairsinge na talmhan.

fearannach: *a.* go mórchuid talmhan. "An feirmeóir mór an Gearaltach?" – "níl aonne 'n-ár measc is fearannaighe 'ná é: go bhfuil oiread talmhan aige.

fearannacht: (**fearranacht**) *b.3.* fairsinge sealbha a's talmhan. Is aca atá an fhearannacht, faid do radhairce ar gach taobh go n-iompófá: mórchuid thalmhan.

fearas: *f.1.* oirear nó riar: cóiriughadh, gléas, gléasraidh: adhlainidhe: socrughadh; feistiughadh. Ní raibh d'fhearas iascaigh aige ach daradha lobhtha agus aon dubhán: gléas: na rudaí go léir nár mhór chun iascaireachta. Is olc an fearas saothair atá agat chun treabhtha – an seanchéachda meirgeach san chómh haosta leis an gceódh: áirneach (treabhtha): an gléas nó na húirlisidhe riachtanacha. Ní heól d'aonne a bhfuil d'fhearaistidhibh bailighthe isteach aige sa tseómra, gach aon rud a iarrfadh do shúil, úirlisidhe, giúirléididhe, a's áirneach chun aon tsaghas gnótha. Gabha maith a dhóthain seadh é ach ní bhíonn na fearaistidhe riachtanacha aige: na húirlisidhe a's an áirneach a leanas a cheárd. Siúd é an tigh go bhfuil an fearas air gur beag é a bheann ar shín ná anaithe, daingean, faiscighthe, feistighthe: an cóiriughadh a's an daingniughadh go fulang

a's acmhuinn ann dá bharr. An diabhal fearas do chonnac ar an bhfear gcéadna aon lá riamh, bíonn a chuid éadaigh go haimlidhthe air a's a bhróga nách mór ag tuiteam de: gastacht phearsanta: cóir a's cuma do bheith air. Luathuigh, ná fuilir i bhfearas fós?: réidh léd ghléasadh féin nó na nidhthe a theastóchaidh do bheith agat. Mara gcuirir an fearas ceart ar an roth san agus na cnóidhte do dhaingniughadh mar is cóir, beir in aithreachas: an aiste cheart: gach rud 'n-a ionad fháiscighthe féin. Cuir fearas níos fearr 'ná san ar do hata, féach an mhaig atá air agus é salach, nó beidh cao cleithmhagaidh fút: gléasadh níos taithneamhaigh, gastacht. Maoidheann an Ghearmáin gur féidir léi féin an oiread fearaistidhe cogaidh do dhéanamh a's nách gábhadh di caibhair ón dtaobh amuigh: gléiseanna a's úirlisidhe inneall cogaidh. Dá mbeadh aon fhearas ort, rud ná fuil a's ná beidh, ná é de chlódh ná de chuma ort, ní imtheóchadh do ghnóth a's do thigh idir do ladharachaibh: aon chríochnamhlacht: cóiriughadh riachtanach. D'fhágas an uile rud i bhfearas sar ar fhágas an tigh: i gcóir. Cuirfí an píopa mór uisce sin i dtalamh ach go bhfuil easbaidh na bhfearaistidhe a théidheas léi ortha: oireamhaintidhe: rudaí a théidheas chun a daingnighthe a's a socruighthe. Fuair an cigire an scoil i bhfearas cheart: gach rud in órdughadh mar iarrfadh sé. Thréig an gluaisteán leath slighe an bhóthair lé droichfhearas: gan máillidhe maithe do bheith innte. I gcoinnibh an aoird ar an bhfearas íochtair is fearr ghluaiseann gluaisteán: an gléas casta. Ní raibh san ar fad ólta aige ach bhí sé i bhfearas mhaith: ar aiste spirideamhail. Gach aon rud as fearas indiugh, nílimid i ndán faic do dhéanamh: ar míghléas. Daoine le fearas iad san, a's a rian ortha, níl aon leathcheann ar a ngnóth: críochnamhail: a chuireas gach nidh i gcóir cheart. Anois atá an fearas ort: níl aon bhean ná tabharfadh taithneamh duit: cuma shlachtmhar, ghasta. "Cuir fearas ar do chuid éadaigh sara bhfágair" (fógra fiailtighe): socruigh do phlapa.

fearastamhail: *a.* fáiscighthe, daingnighthe, cóirighthe, neamhleadhbach, gléasta, inneallta, deaghaisteach. B'é an tigh budh neamhfhearastamhla dá bhfeaca riamh é, na dóirse agus an ghaoth 'san ghrian tríotha, na fuinneóga gan plánaidhe, an tslinn imthighthe den gceann, gan árus ar chlár ann: gan aon chóiriughadh: leigthe ar lár. Fearas dob fhearastamhail 'ná é ní raibh ann, locht ná faillighe ní bhfuairtheas ar a ghnóth riamh: déantasach, éifeachtamhail: gasta, dícheallach. An dóigh leat ná gur bh'fhearastamhail do tógtí fallaí na seanchaisleán, trim ar dtúis, a's aol beirbhthe do leigeant ionta go ndeineadh calcadh díobh: go héifeachtach, ceárdamhail. Báid fhearastamhla iascaigh seadh na gluaisbháid seo ges na hiascairidhibh: gléas agus oireamhaintidhe riachtanacha aca. Is fearastamhail é do dhoras, dha bholta agus glas: na rudaidhe air a oirfeadh do chun a choimeádta ó bhaoghal. Capall fearastamhail: go mbíonn culaithirt mhaith air.

fearastamhalacht: *b.3.* daingneacht, fáiscightheacht, ceartchóiriughadh, gastacht. Le fearastamhalacht an duine ní leigeann faic as a lámhaibh gan bheith deimhnitheach de: a bheith daingean, fuaimeantamhail. Le neamh-fhearastamhalacht na luinge d'imthigh a culaithirt 'n-a géiridheachaibh nuair bhuail an cóch í: olc a gléis a's a hoireamhaintidhe. Mara mbeadh fearastamhalacht do bheith ar an gcófra ní raghadh an sáile thríd a's a fhaid do bhí sé ar an bhfarraige: a fheabhas a bhí sé daingnighthe, déanta, uiscedhíonta. Ní lá fós é mara bhfuil fearastamhalacht ar an dtigh úd, an troscán go léir a's na rothaidhe, an glanchar a's an tslacht: innealltacht: gach aon rud riachtanach do thigh dá fheabhas ann agus é cóirighthe go taithneamhach. Culaith mhaith í sin, ach gan fearastamhalacht táilliúra do bheith air: an déanamh is an críochnughadh ceart.

feardha: *a.* fireann, fearamhail, magarlach, calma, cródha. An ball feardha: an magarla a's an bod. Duine ró-fheardha é siúd lé cúladh dá bh'eól do gur go cuan a mharbhtha bheadh sé ag dul: róchródha: breis den bhfear tréitheach ann. Truaghán suarach ná deárna beart fheardha riamh gur bh'fhiú leat a háireamh: aonnidh gur bh'fhiú a ainmniughadh lé n-a fheabhas. An té a thug 'n-a bhád fé thuinn fuireann luinge a shúngcáil sé in aice Ghuib Shasana go Cuan Fionn Trágha rinne sé gníomh feardha: gníomh fir thréithigh: gaisce.

feardhacht: *b.3.* fic **fearaidheacht**

fearg: *b.2.* builе, báine, fíoch, cochall, olc, stradhain, strán, coinitheacht. "Fear foidhneach fear gan feirg" (rádh): an té ná tagann corruighe suaidhte aigne air is mór í a fhoidhne. Ná cuir chun feirge é nó déanfaidh sé scrios (brus, cuirp): "ná tóg é": ná corruigh ciúnas a aigne. Níl aon teóra lé fear na feirge .i. dhéanfadh sé rudaidhe neamhchearta ná déanfadh dá mbeadh ar ghnáth-aiste a inntine. Ní fearg atá air siúd ach fearg luinne: ar báinighe: "imthighthe chun an chnuic". Tháinig builе feirge 'n-a shúil nuair caitheadh urchar cloiche leis, gach aon diabhal a's gach aon léim san aer aige", "cubhrán bán leis": d'imthigh a fhoidhne ó smacht. Tuitfidh fearg Dé ortha as a ndrochchorthaibh: oirbhire: fíoch: mar gheall ar an mícheart beidh míchéadfadh throm ar Dhia go mbeidh cúiteamh ar a son aige. Táim i bhfeirg leat mar gheall ar bheith ag tromaidheacht: tá m'inntin corruighthe agat id choinnibh. Bí foidhneach anois agus ná himthigh lé feirg: ná tagadh cochall ort: ná tagadh suaidhteacht ar chiúnas t'aigne. Ar imthigh an fhearg fós díot liom?: an bhfuilir níos suaimhneasaighe it aigne im thaobh? Má cuirtear an tarbh chun feirge buailfidh sé thu: chun builе: fraoch. D'fheirg do dhein sé ní bheadh a leath oiread milleáin agam air: ar aiste aigne a bhí corruigthe. "Tá aithreachas orm trí fheirg do chur ort riamh leis an bpeaca": míothaithneamh: míghnaoi. Deirtear le duine ciapuightheach, cráidhteach, "chuirfeadh sé fearg ar Dhia na Glóire! moladh go deó leis". Duine néallach go dtagann strán feirge air ar a luighead cúise: builе throm. A mhaolughadh níor bh'fhéidir leis an gcoinithe feirge a bhí air i dtaobh a hata do ghoid uaidh: suathadh aigne de dheascaibh an dochair do deineadh do. Lé corp feirge bhris sé troscán an tighe: builе ná raibh aon chumas aige urithe. "Ná bí deithineasach in do spirid chun feirge, óir cómhnuigheann an fhearg i mbrollach na n-amadán" (Ecc. VII. 9).

feargach: *a.* builеamhail, stránach, fíochmhar. Ná bí feargach leis, níor thuig sé go raibh rud mícheart dhá dhéanamh aige: ná bí míobhuidheach dhe: ná bí míchéadfach. Sin duine nár mhaith liom bheith dána air – tá sé feargach: sothógtha: furaiste do chur i gcoinnibh duine. An fharraige fheargach ag teacht go féar glas!: fiadhain, fíochmhar. "Cuireann an ghaoth adtuaidh an fhearthainn ar gcúl: mar sin do ghní an ghnúis fheargach an teanga ithiomráidhteach" (Seanráidhte XXV. 23). Cuir chuige go feargach táir róthláith ar fad leis: tabhair fé go dian: cuir cuthach ort féin. An breac d'iarraidh éalódh den ndubhán go feargach: ag déanamh a lándhíchill a's ag comhrac go cródha.

feargacht: *b.3.* builе throm, fíoch, cuthach. Caitheadh éirghe suas de lé feargacht, bhí gach aon phioc de ar baillchrith: méid an chorruighthe lasánta a bhí ar aiste a aigne. Feargacht na farraige, ag réabadh 'sag stealladh an uile rud 'n-a bealach: borrtha,

fiadhain, neartmhar. Feargacht éigin air indiugh, níor labhair ná níor bheannuigh d'aonne is bhí cuma dhaighceach air: colgacht, canncracht: é furaiste do chur chun buile.

feargaim: *b.a. 7 n-a.* corruighim in aigne go lasánta, lasaim, canncaruighim, crádhaim, ciapaim. Ní túisce a osclair do bhéal 'ná feargair me léd chuid aitis cainnte, gur deacair dom foidhne do bheith agam leat: ciapair m'aigne: suadhair suaimhneas m'inntine. Feargann sé ar a luighead cúise agus deir a's deineann rudaidhe lé míothapaidhean go mbíonn 'n-a n-aithreachas 'n-a dhiaidh san: corruigheann a aigne go dtagann olc air. Feargann sé an chneadh teangmháil léi, cuireann ríog thinnis trom: méaduigheann sé an pian. Feargann an ghaoth an fharraige: deineann garbh í.

feargamhail: *a.* tógálach: olcamhail, lasánta, cuthaigh, fíochmhar. Nách feargamhail an gála gaoithe é sin, tagann sé 'n-a chóchaibh dubha obanna: fíochmhar, teann, láidir. Duine feargamhail nách mór an giobadh d'fhuilngeóchadh sé: so-lasta, so-thógtha. Ar feadh fhurmhóir na loingseóireachta bhíomair ag gabháil trí fharraige fheargamhail a bhí ag dul anáirde uaireannta go leath crainn: stroimeamhail. Lá feargamhail a dhóthain d'aon fhear bán seadh é maidir lé gaoith agus clochshneachtadh: fiadhain, fuar, nimhneach.

feargughadh: *f.* (*-uighthe*) do chiapadh, do chur míothaithneamh (ar), do chrádhadh, do bhuaidhreamh in aigne chun mhíoshuaimhnis. Bheinn buidheach dhíot ach gan bheith ghom fheargughadh trí chuimhne na míoghníomh atá déanta agam: ghom chrádhadh. Ag feargughadh na cneádha bheir lé n-a scríobadh, fág an gearb uirthe: greamughadh: ag cur breis leóchaileachta innte. Bhí sé ag feargughadh Shasana chómh mór san long Ghearmánach ag breith bhráigheann léi don Ghearmáin gur réab sí dlighe na neódrachta chun iad d'fhuascailt: ghá crádhadh go rómhór. Tá Sasana ag feargughadh na dtíortha neódrach i dtaobh bheith ag scrúdughadh a's ag tógaint gan bhuidheachas last a long: ag cur buaidhrimh neamhmhuinnteartha ortha: ghá gciapadh: ghá ngriogadh. Mise fear a fhearguighthe sin, aon rud a déarfainn clipeann é: ciapuighthe.

fearguighim: *b.a. 7 n-a.* ciapaim, crádhaim, griogaim, téighim chun feirge. Fearguigh anois é a's chídhfear duit cad é an droichmhianach atá 'n-a chodladh ann: abair nó dein rud éigin a chiapfaidh é. Fearguigheann cuimilt cneadh: suadhann chun breis thinnis í. Fearguigheann an ghaoth an fharraige: árduigheann chun stroimeach í. Feargóchair me anois má chuirir isteach orm, mar táim ciapuighthe ge hobair: clipfir a's crádhfair me. D'fheargóchadh éagcóir aonne go mbeadh an speach ann: chorróchadh sé an mianach ann chun a mhíoshástachta d'fhoillsiughadh: mhúsclóchadh míchéadfadh. Níl aon rud is mó fhearguigheann tarbh ná éadach dearg: músclas an droichmhianach ann.

féarmhar: *a.* go mórchuid féir fáis. Is gnáthach talamh féarmhar reamhruightheach.

feárna: *a.* síogach, riastach. "Biadh righe bradán feárnan, budh bacaigh báirnigh": iasc go mbíonn cnámh 'n-a ghoinidhibh, corp fada, seang, ag caolughadh siar agus fústaidhe cnámhacha air go léir. Tímcheall sé troighthe ar faid do. Tóruigheann scataidhe muca mara d'iarraidh a thraochta, uime sin 'siubhal an bhradáin feárnain': gluaiseacht mhór, thapaidh.

feara-phoc: *f.1.* gabhar fireann: fear an-tréan. Na feara-phuic nár ob riamh cath: farairidhe, fir chródha. Gach aon léim as a chorp aige mar bheadh ag feara-phoc: lán d'anam a's d'anáil: lúthmhar, láidir, sláinteamhail.

fearr: (**fearra**) *a.* breischéim de 'maith'. Níos tairbhighe, níos áiseamhla: níos iontoghtha maidir lé luach, áis, oireamhnaidheacht, céim, sábháltacht, sláinte etc.: níos córa, an chuid is mó nó is tairbhighe. "Is fearr gadhar beó 'ná leómhan marbh": aon rud beó is aiseamhla (tairbhighe) é ná an rud marbh. "Is fearr suidhe in aice ná suidhe in ionad": is tairbhighe sa deireadh baint siar as rud agus annlann do dhéanamh leis 'ná é go léir do chaitheamh in aonfheacht. "Ní fearr biadh 'ná ciall": oireann do dhuine meabhraidheacht agus foidhne do chaitheamh lé rud díreach mar oireann biadh don gcolainn. "Ní feárr bheith ag cainnt 'ná éisteacht", ars an duine foidhneach ar bhfeicsint do ná raibh ach caitheamh aimsire bheith ag áiteamh an chirt. Is fearr bheith ag cainnt ná éisteacht, is mór an bitheamhnach é: is ionmholta dúinn go mór gan a thuilleadh tagartha do dhéanamh do: teipeann ar dhuine cur síos 'n-a cheart air. "Óir is fearr an eagna 'ná na clocha buadha etc." (Seanráidhte VIII. 11): i ndeireadh dála sí an eagna is luachmhaire do dhuine. "Is fearr leathbhallóg 'ná bheith gan aon arán": fóireann an beagán féin. "Is fearr an tsláinte 'ná na táinte ar chnoc": thiocfadh duine ó bhochtanacht ach ní thiocfadh choidhche ó dhíth sláinte: an té go mbeadh a shláinte aige bheadh i gcumas a bheatha do thuilleamh; an té go mbeadh na táinte aige (gan sláinte) ní mór an sásamh iad. "Is fearr lán duirn d'fhear ná lán gaid de mhnaoi": dá luighead fear is tairbhighe 'ná bean dá mhéid. Nuair ná raibh níos fearr lé déanamh agam 'ná an doras do bhriseadh bhriseas é: aon rud eile a thairbheóchadh dom. "Is fearrde (fearrdide) an gabhal an teas" .i. téigheann an teas go rí-mhaith dho. "Is fearr rud agat féin 'ná ag aonne eile": is cuma dhuit cad tá ag neach eile. Air féin do thairbhigheann sé, dá olcas do chuid féin is áiseamhla dhuit 'ná bheith ag brath ar chuid an fhir thall. Tá breis a's do dhóthain airgid agat i gcóir an turusa, ach is amhlaidh (mar) is fearr é: is inmhianta é ar eagla go n-oirfeadh ar shlighe éigin nách soiléir anois. "Is fearr dinnéar luibheann mar a mbí grádh ná damh biadhta agus fuath maille ris" (Seanráidhte XV. 17): is suaimhneasaighe. Is fearr fén mbiadh go mór í 'ná fear an tighe: is flaitheamhla. B'fhearr liom 'ná fios mo shaoghail dom: b'inmhianta liom: is mó sástacht do chuirfeadh orm. Ní fheadar 'on domhan cad é an rud dob fhearra dhom: budh thairbhighe: is mó oireamhnóchadh me. Cad oir gur fearr tu?: an rud is mó a's eólas a dhéanta agat. Níor bh'fhearrde (fearrdide) é riamh ó shoin an leagadh do baineadh as: níor bh'aon fheabhas dá chorp ná dá shláinte é. Gura fearrde choidhche thu an bheart charthanamhail atá déanta: go raibh sé d'fheabhas ort ar gach cuma. Is fearrde an mhaith a cúiteamh: bíonn breis chreideamhna ag teacht do dhíol na maitheasa. Dhruideadar in aice leis an gcainnteóir ionnas go dtuigfidís níos fearr é: go mbeadh a chainnt níos soiléire aca. Ní fearr riamh é 'ná a chúram do bheith dinn: ní fhéadfadh aon rud budh áiseamhla nó budh thairbhighe do thárlachtaint. "Téanamh ar snámh" – "níor bh'fhearr liom rud de": taithnigheann liom go mór. "Tá S. imthighte uait" – "ní fearr liom ann ná as é": is mó do thaitnigheann liom é bheith bailighthe. Ní fearrde aonne a bhíonn róbhog fé n-a chuid: is annamh do cúitightear leis a mhaitheasaidhe. "Is fearrde an chailleach a goradh, ach is misde-de a loscadh": ní haon díoghbháil bheith dian ach seachas bheith ródhian ar fad. "Riamh níor chuir an mada ruadh amach aon teachtaire is fearr 'ná é féin": is oireamhnaighe chun a chúraim sladaidheachta: ná fág do ghnóth fé

chúram an fhir thall nó beidh thiar air. Ní bhead ag argóint ná ag áiteamh ort, bíodh an fear is fearr agat: an buadh. “Is fearr an té a éirigheas ’ná an té a thuiteas” .i. is é is mó go mbíonn gradam do: is cuma cad a bhí, ach cad atá. “Is fearr éirghe amháin ’ná dhá leagadh” (iomrascáil): is mór gur mó an chreideamhaint atá ag dul do. Níor bh’fhearr leis siúd scéal do bheadh aige ’ná do mharbhadh: bheadh an-shásta leis. “Bhuail sé é, leag sé chuige é, agus bhain a chuid airgid de” – “is fearr ’ná san é”: ag dul i bhfeabhas siar é: gach nidh dá ndeárna bhí ag sárughadh na coda eile. Díreach a’s me ag siolagar leis an ocras fuaireas blúire beag aráin, níor bh’fhearr in Éirinn é: dhein sé tairbhe. “Seo, níl sé rómhaith ach déanfaidh sé do ghnóth an turus so” – “ní fearr in Éirinn é”: déanfaidh cúis chómh maith le rud go mbeadh meas mór air. Bean is fearr croidhe budh dheacair d’fhagháil: go mbeadh croidhe níos fáilteamhla, féile aice. Ní hé an fear is fearr focal é: níor cheart puinn iontaoibhe do chur as. Sin é an buachaill is fearr inchinn: an buachaill is inntineamhla. Ní b’fhearr ’ná san go mór dá mbeadh deoch i bhfarradh an bhídh againn: is mó d’fhóirfeadh orainn. Is tusa an bhean is fearr liom ar dhruim na talmhan: is taithneamhaighe: is mó cion agam. Ars an dochtúir, “ní hé an rud is fearr leat ach an rud is fearr dhuit”: an rud a thaithnigheas leat: an rud a dheineas maith dhuit. Risteárd atá chun cabhartha leó – ní fearra dhóibh duine dhe: tá sé chómh maith, chómh háiseamhail lé neach eile nó b’fhéidir ná fuil duine is tairbhighe. Thugadar íde na muc a’s na madraidhe ar a chéile – eatartha féin do b’fhearr é: budh dheacair rogha ná díg do bhaint asta. Is fearr as atá sé indiugh ’ná bhí sé riamh, ní bhíodh faic aige ach an déirce, anois tá a leórdhóthain aige: is gustalaighe atá. B’fhearr as duit bean bhocht chnuaisciúnach do phósadh ’ná bean shaidhbhir scaipightheach: is mó bheifeá chun cinn léi. Chun éithigh is fearr é: béas gránda aige é. B’fhearr liom an diabhal ó ifreann ’ná é: aonne roimis.

fearsad: *b.2.* (feirste, *iol.* feirste, fearsadaidhe) blúire caol adhmaid go gcastar an snáithín ón gcoigealach air: an cnámh is mó agus is sia isteach i gcuislinn na géige, an cnámh beag amuigh sa lorgain: uain fhada, árd fharraige, bannc fada gainimhe ar lagthrágha. Chómh caol, seang lé feirsid: caol, tairngthe, snoidhte. Fearsadaidhe farraige ag bagairt ár múchtadh ge gaoith a’s taoide ag itheadh a chéile: uaineacha árda ná raibh cuma róchneasta ortha. “Caladh na Feirste” .i. ainm áite in aice le Cill Orglan. Briseann an fharraige ar na feirstibh: bainnc ghainimhe. “Chuaidh an bád ar an bhfeirsid”. Connus ná beadh neart ann a’s na fearsadaidhe cos atá fé: cosa cruadha taithigeacha a’s matáin ortha. Fearsadaidhe: fáiseanna cruadha caola gan sughlach.

fearsadach: *a.* láidirghéagach, matánach, féithleógach, lúthach. Guailne leathana, fearsadacha go bhfuil gach féithleóg ionta chómh reamhar lém mhéireanntaibh, ní fhéadfaidís gan neart do bheith ionta: préamhacha láidre go mbíonn achmhuinn nó fulang mór ionta agus a chrapann. [Ní hionann ciall na bhfocal so “achmhuinn” agus “acfuinn” againne; “achmhuinn”: fulang agus buancas; “acfuinn”: neart, etc.] Géaga fearsadacha an ghabha(nn): fuinnte, acfuinneach. Buachaill fearsadach ná cuirfeadh fuacht, teas ná curaidhobair air: láidir, fuilngtheach, buan.

feart: *f.3.* buaidh, subháilce, gaois, cáilidheacht áirighthe, éagsamhail, cómhacht éagsamhail incheann, fiúntas, mórluaidheacht: cómhacht fé leith, neart: tabharthas, míorbhailt. “Má baineadh an tAifreann díom níor baineadh na fearta dhíom”: má héistigheadh me níor baineadh an chómhacht díom. A Dhia Mhóir na bhfeart! cad

dhéanfad (athchuinghe thruaighmhéileach): na gcómhacht a's na míorbhailtidhe. Tá na fearta aige gur féidir leis aon rud do dhéanamh, gidh ná deaghaidh lé céird riamh, as a mheabhair chinn: buaidh: tabharthas: aisce. Is mór iad a fhearta, i dteannta é do bheith 'n-a fhear eaglaise, dochtúir áitrighthe seadh é agus maidir le scríobhnóir níl aon teacht anuas air: tabharthas atá fachta aige ó Dhia. Ar ar mhúineas lem ré níor bhuail aonne liom a thuig feart na Gaedhilge mar thuig Máire: cáilidheacht éagsamhail fé leith. Ní fada bheidh sé sin ag foghluim, tá na fearta aige: an buaidh chun foghlumtha. A dhrólann na bhfeart ar chualais a lithéid de chainnt áidhbhéisigh id mharthain?: nách é an rud aisteach é. A Dhia na bhfeart, dá bhfeictheá an méid airgid a bhí ar an mbórd!: a thiarcais! nách tinn san dúinne gan é. Bhronn Dia fearta na ngrást air bheith foidhneach lé linn a bhuaidhrimh: subháilce, buaidh fé leith.

feart: *f.3.* uaigh. Go gcuirtear me i bhfeart beidh díomas agam do: beidh olc im chroidhe agam do go n-adhlactar me. Is fada thar sáile i bhfeart é: adhlactha. "Mo chreach t'fheart tar lear i bhFlóndras etc.": t'uaigh.

fearthain: (**fearthainn**) *b.2.* báisteach throm chómhnaidhtheach. Thug sé an lá ag fearthain: duartan trom ann. "Fearthain do chiúnuigheann gaoth" (seanfhocal): ar theacht di triomuigheann sé. Ní chuireann fearthain ná fuacht air: fulang aige ar an uile shín (lé duine a bhíos amuigh i gcómhnaidhe gan suim san aimsir). Ag fearthain: ag déanamh bháistighe.

fearthaineamhail: (**fearthainneamhail**) *a.* báisteamhail, duartanach. Lá fearthaineamhail do bhuail sé chughainn agus é as an sileadh mhaol bháidhte: lá síorbháistighe. Tír ró-fhearthaineamhail chun cruithneachtan d'aibiughadh 'n-a ceart: an iomad taisireacht san aer, agus é cómhnaidhtheach.

feartamhail: *a.* míorbhailteach, neamhghnáth. B'fheartamhail an rud na mairbh d'éirghe as uaigh: dothuigse, neamhghnáth. Nách feartamhail an rud an solas féin nuair chuimhneófá air: chídhimíd é ach níl cúis a fheicse soiléir ná sothuigse don inntin.

fearthanach: (**fearthannach**) *a.* fliuch, báisteamhail. Lá (tír, aimsir) fearthanach: an-fhliuch, neamhshubháileach. I dtíorthaibh thar lear tagann saosúr fearthanach go mbíonn an duartan ag teacht gan staonadh an áirighthe sin aimsire: fliuch, leadaránach.

féar-uaine: *a.* an-ghlas. Mághanna féar-uaine go flúirseach in Éirinn: fíor-bhorbghlasa.

feas: (**fios**) *a.* eólas do bheith ar ag. "An bhfuil aon áthrach súngcálta indiugh?" – "ní feas dom": ní fheadar: níl eólas agam air sin. Is feas dod chroidhe agus dot inntin nách ceart éagcóir do dhéanamh ar neach: tá a fhios san agat: brathair é. Ní feas a bhfuil d'airgead dhá chaitheamh ar an gcogadh: an oiread san ná fuil eólas cruinn air. Cad dob áil leat ag cluthartughadh an rud is feas don saoghal mór: go bhfuil a thuairisc imthighthe go fóirleathanadamhail. D'innseas dóibh an méid is feas 'n-a thaobh: go bhfuil cur síos air nó atá ar eólas.

feasa: *a. gein. d'fhios* eólas, rúnda. Bean feasa go mbíodh eólas aice ar gach nidh mar thárluigheadh sa cheanntar sara mbíodh cunntas ná clos aice air ó aonne. Fág fé lucht feasa cunntas cruinn an chogaidh, níl ionainne ar a nguailnibh ach amadáin: daoine cliste go mbíonn eólas aca trí léightheóireacht a's thuigsint. Deirtear go raibh an ball feasa i Máire Ní Chinnéide agus bhí mar ná féadfadh gan a bheith, nách shin é go n-innseadh sí roim ré gach rud a bhíodh lé tuiteam amach: cómhartha dhá saoghalughadh lá go mbeadh cómhacht na fáistine aice.

feasach: *a.* eólgach, eólgaiseach, ealadhanta, toilteanamhail. Ná bíodh aon mhilleán air i dtaobh na díoghbhála, ní go feasach a dheárna sé é: níor bh'eól do. Níor bh'fheasach dom go rabhas chómh goirtighthe agus bhíos, mar nár bhrathas an oiread san tinnis: níor thugas fé ndeara orm féin é. Ní feasach iad cad dhéanfaid anois, tá beartha ortha: ní fheadair siad. Tá a fhios agat gur feasach don saoghal nách aon deaghfhear thu: go bhfuil an t-eólas san aca. Duine feasach ar léigheann seadh í: tá mórchuid léighinn 'n-a ceann. Dá mb'fheasach mise gur dhuine neambuidheach é is fada buidhe go ndéanfainn maith air: dá mbeadh san ar eólas agam. Ar do chluais ná bíodh sé feasach ar ár rún, scéidhfeadh sé orainn: ná bíodh oiread agus éachtaint aige. Ceárdaidhthe feasacha ón Rúis a bhí ar iasacht sa Turcach ag déanamh gléas agus úirlisidhe chun sár-earraidhe do shaothrughadh: sárchliste, deárscnach. Ní feasach dom faic: táim dall ar an scéal.

feasamhail: *a.* eólach, eólgaiseach, aitheantamhail, foghlumtha chun. "Tá an diabhailín sin, go maithidh Dia dhom é, chómh feasamhail lé fear fásta": tá eólas aige ar rudaidhibh nár cheart do thoisc a óige. Feasamhail ar gach aon rud a bhaineas leis an bhfarraige: gach rud a bhaineas léi tá fios a déanta aige. Dá mbeitheá níos feasamhla 'ná mar is dóigh leat seo gnóth ná feadraís faic 'n-a thaobh: níos mó do bheith ar eólas agat. Is feasamhail sin dom: is eól dom é, tá san ar aithne agam: is léir sin dom. D'aithnigheas ar an gcuma fheasamhail do chur sé chun a dhéanta nár bh'é an chéad uair aige é: eólgaiseach: ealadhanta.

feascairt: *b.3.* dreóghadh, dul chun deiridh, tréigean, ag dul as, seargadh. D'fhan an fás gan baint chómh fada san gur thosnuigh sé ar fheascairt lé síontaibh na spéarach: ar feódhughadh: a dhath 'sa scabhárd ag tréigean. Tá na bliadhanta ghá gcur féin in iúil air, tá sé ag feascairt, níl a leathoiread fanta ann: tréigean. Le ceal na taisireachta a's méid an dubhthriomaigh tháinig an fheascairt ar an arbhar: d'fheóidh sé: chrap ar a chéile a's shearg. Tá an lá ag feascairt go mór nách shin í an tSamhain agat: ag dul i ngiorracht. Feascairt go dtéighidh ort! sin í mo ghuidhe-se dhuit: dul chun deiridh: tréigean sláinte a's uile.

féasóg: *b.2.* an clúmh a fhásas ar an sméigin, ar na beólaibh agus ar na leicnibh: an clúmh a bhíos ar an aghaidh lé bearradh: ulcha: meigeall: colg, cogal, crotal. "Féasóg", leasainm ar fhear go mbíonn fás fada gan bearradh choidhche ar a aghaidh. "An bhfuil sé mór?" – "tá féasóg air ambaist": 'n-a fhear óg. Fásfaidh an fhéasóg go maith ort sara bhfaghair bean: beir in aois mhaith. Níl an fhéasóg fásta fós air: níl sé in oirfirt fós. Lá Earraigh a bhainfeadh an fhéasóg díot: a gheóbhadh tríot lé fuacht. Ní fheadar cad é an t-aos a bhí agam, ach ní raibh mórán féasóige orm: óg. Ní mór duit an fhéasóg do chruadhadh níos

fearr ort sara mbeir cómh maith liom: aosughadh. Féasóg ar arbhar: an colg a thagas ar ghráinne.

féasógach: *a.* ulchach, fás clúimh ar an aghaidh, colgach. Tá sé féasógach a dhóthain chun bheith maith a dhóthain: aosta go leór. Fear féasógach a leigeas di fás go fada air. Eórna etc. fhéasógach.

feasta: (**feasda**) *d.bh.* ar an bprap, anois, as so amach, choidhche airís, san aimsir lé teacht. Bímís ag gluaiseacht feasta, tá an iomad aimsire caithte annso againn: is mithid dúinn fágaint. Bí it fhear mhaith feasta, agus maithfead gach aon rud duit: as so amach. Stad feasta: stad, mar tá an aimsir caithte nó táir ag dul thar cailc. Éist, tá do dhóthain ráidhte agat feasta: tá an oiread san aimsire caithte agat gur lánmhithid duit stad. Feasta airís, ná dein a lithéid sin nó is tinn duit: choidhche airís agus cuimhnigh air. Gheall sé bheith annso uair an chluig ó shin, budh mhithid do bheith annso feasta: tá sé rómhall ar fad. Cad dhéanfaidh na daoine feasta gan plúr a's an luach árd atá air: cad dhéanfaid in ao'chor? "Ní fios cad déanfar feasta": deirtear nuair bhíonn rudaidhe gan choinne leó ag tuiteam amach go tiugh. Pós feasta: ná leig chun siléige é: is mithid duit.

féasta: *f.4.* fleadh, béile mhór, cuirm. "Ní féasta go rósta, a's ní céasadh go pósadh" (seanfhocal): gan feóil ag róstadh féasta gan mhaith é, dá dhona ge duine an saoghal is measa 'ná san é tréis pósta dho. In áiteannaibh coimeádtar beathughadh fós ar fhéasta an tárlóidh: an bhéile shóghamhail a feartí ar bhreith an fhóghmhair 'on iothlainn. Féasta na Nodlag, na Cásca: féile. Ní dinnéar a bheidh ann ach féasta: cóiriughadh mór, éachtach bídh agus dighe. Dá luighead a bhí agam chaitheas féasta do dhéanamh de: bheith sásta. Breac mór an lannga san, beidh féasta agaibh air: beidh bhur ndóthain ann go subháilceach.

féastach: *a.* ag baint le cóir mhaith ithte, subháilceach, subhach, sóghach. Bainis fhéastach ná raibh ceal bídh ná dighe ná suaircis ar neach: sóghach. Tigh féastach é sin, cothuighid iad féin ar fheabhas: go mbíonn biadh siar síos ann. Maidir lé rinnce agus lé ceól, lé biadh, digh agus subháilceas, b'í an oidhche b'fhéastaighe dár chaitheas riamh í: budh shóghmhala a's budh thaithneamhaighe: budh shoilbhre: budh ghealadhramaighe.

féastughadh: *f.* (*-ughthe*) coinnimh: cóir bhídh: fleadh: cuirm. Ná bí ag trácht uirthe mar oidhche, féastughadh go maidean gheal dob eadh é: itheadh, ólachán a's gealadhram. An chráin dhubh (saghas míl móir) 'sa clab ar leathadh aice ag slogadh scadán. Is aice bhí an féastughadh: an mhórbhéile shásamhach. Níl aon áit san Oileán Úr 'n-ar ghaibh ár dtaoiseach ó chathair go cathair ná gur tugadh féastughadh dho: cuirm nó coinnimh le meas air. Á, a bharránaigh, táir ag féastughadh ar do shástacht: ag itheadh a's ag ól do dhóthain de rudaidhibh sóghmhala.

féastuighim: *b.a.* ithim a's ólaim go fairsing, flúirseach. Féastuigh air sin anois: ith a's ól do leórdhóthain de. Féastuigh air sin (cuid bheag), a chait: dein leór leis a bhfuil ann. Féastuigheann an t-amplóir ar mhuinntir an bhaile: itheann sé an méid is féidir leis i ngach áit go bhfaigheann.

feáthamhail: *a.* socair, ciúin, réidh, suaimhneasach. An chéad lá riamh do cuireadh fé thruacail é bhí sé chómh feáthamhail a's dá mbeadh sé fúithi leis na bliadhantaibh: socair. Oidhche chómh feáthamhail a's tháinig as an spéir riamh, gan glór, gan cor: ciúin, marbh. An abha ag gluaiseacht go feáthamhail fé dhéin na farraige: go socair, sámh. Go bráth airís ní fhéadfadh aigne fheáthamhail do bheith aige ar a bhfuil de buadhairt bheartha air: suaimhneasach.

féibh: *b.2.* fiú, luach, oiread, go díreach, ar chuma. Tá sé fé mar dubhart leat: an chuma chuireas síos duit air: gan aon atharrughadh: gan malairt crotha, maitheasa, ná olcas. Nách gleóidhte oireamhnuigheann an hata san é, tá fé mar déarfá: "bíodh sé mar sin": go díreach ar an gcuma san. Tugaim uaim fé mar gheibhim: bím fial (galánta, díoghbhálach etc.) leis an té a bhíos mar sin liom. Tá na bróga fé mar "leigfeadh an colúr dá bhais iad": déanta ar an gcuma san .i. go niamhair. Déanamh fé mar bheadh ar chorcán do bhíonn ar an bpléasclach mara: ar an gcrot gcéadna. Fé mar dubhraís, bhí an ceart agat: díreach. Fé mar inneósfí dho cér bh'é me féin, ghlaoidh sé im ainm a's im shloinneadh orm: is cosamhail gur mar sin do thárladh. Tá an chneadh fé mar bheadh braon ag teacht innte: a dheallramh san uirthe fé láthair. Tháinig míoshásamh ortha fé gur fhágas iad a's go ndeachas i dtigh eile: toisc. Fé mar bheadh an nimh ar an aithne bhuail sé chughainn an doras isteach a's sinn ag cainnt air: amhlaidh agus dá mbeadh. Fé mar bhí an namhaid ag teacht air bhí sé ghá dtreascairt: dréir etc. Ní fé mar budh leat-sa in ao'chor ach fé mar is maith liom-sa bheidh: ar an gcuma. Fé mar is maith leat, bíodh: mar is áil leat. Sin fé mar bhí: thárlaidh mar saoileadh nó mar hórduigheadh. Fé mar tá an bheirt againne anois suidhte seadh bhíomair nuair phléasc os ár gcionn: gan aon choinne. D'árduigh sé leis iad, óg agus aosta, fé mar bhíodar ann: gan aonne d'fhágaint 'n-a dhiaidh. Bíonn sé ag gearán fé mar bheadh tinneas éigin laistigh: ar an gclódh san. Bíodh sé fé mar tá sé (olc nó maith) tógfad é (is maith liom é etc.): pé locht atá air táim sásta leis. Bíodh an scéal (an obair etc.) fé mar tá: ná bac a thuillead dhe. Fé mar bheadh diabhal ó ifreann do: sin é an t-imtheacht agus an fuadar a bhí fé. Bí fé mar bheadh aonne: ná bí corr.

feic: *f.* radharc, amharc, samhail, teasbánadh. Gach cnámh 'n-a chorp briste, brúighte a's é lán d'fhuil ón dtuiteam, b'fhuathmhar an feic é: rud lé féachaint air: samhail. Níl baoghal ná gur bh'ait, greannmhar an feic thu nuair cuireadh an pusachán geas ort: budh dhóigh lé haonne gur amhailt allta a bhí ionat: an t-amharc: an tsamhail.

féicheamh: *f.1.* (*iol.* féicheamhna) duine go mbíonn rud air maidir lé hairgead, earraidhe nó fóghnamh nó gar: duine go ndlightear de. "Maith dhúinn ár bhfiacha mar mhaithimíd dár bhféicheamhnaibh féin": iad so a dheineas aon rud as an slighe orainn, atá fé chomaoin againn, nó go bhfuil fiacha nó cúis againn ortha. "Féicheamh maith ar a thuilleamh é" (rádh): chaithfeadh sé a dtuillfeadh sé. Buidheach 'e Dhia nílim im fhéicheamh ag aonne: fé fhiachaibh ná fé chomaoin.

féicheamhanta: (**féitheamhanta**) *a.* éascaidh, tráthamhail, toilteanach, freagrach. An buachaill is féicheamhanta a bhí ag máighistir riamh, gan órdughadh, gan iarraidh deineann sé an uile nidh as féin: éascaidh: soghluaiste, lántoilteanach. Bheinn féicheamhanta ar mo chion do thabhairt ar ócáid chómh fiúntach léi, dá bhfeicinn aonne eile ag corruighe: pras: fonnmhar. Is féicheamhanta an teacht é sin, leathuairín eile a's

bheifeá déidheannach: tráthamhail. Budh dheacair duine chómh féicheamhanta leis d'fhagháil, níor eitigh sé neach riamh: nár leasc leis maith do dhéanamh: so-chroidheach. Ainmhidhe féicheamhanta an capall san, ní mór an gríosadh is gábhadh dho chun a dhíchill do dhéanamh: iontseasaimh: go bhfuil an "chré cheart" ann. An té ná deineann nidh go féicheamhanta b'fhearr liom gan é ghá dhéanamh in ao'chor 'ná bheith ag féachaint air fé thormas a's leis: go toilteanamhail. Ró-righin ar fad atá seisean, ní ró-fhéicheamhanta do dhíolann sé fiacha ná chóimhlíonann aon dualgas eile: gan é do mhúscailt chuige. Maidir liomsa dhe, ná cuirim aon mhairg oraibh, táim féicheamhanta ar aon rud do hiarrfí orm do dhéanamh: toilteanach, fonnmhar: neamhleisceamhail. A, mhuise, a bharránaigh bhig is tu atá ag gluaiseacht go neamhfhéicheamhanta chun scoile, ag pusghail, righin, leasc: i gcoinnibh a chos agus a thola. Ní túisce do hiarradh air an áit do theasbáint dúinn 'ná aontuigh sé go féicheamhanta: gan mhoill. Gheóbhadh sé rud ar cáirde leis agus fiche rud ach é do bheith chómh haithfhéicheamhanta a's tá: ní gan síorlorg do dhíolfadh sé: righin, leasc.

féicheamhantacht: *b.3.* tráthamhlacht, so-fhreagracht, éascaidheacht. Lé n-a fhéicheamhantacht ag dul chun do chabhartha do shaor sé thu, leathuairín eile a's bhís marbh: éascaidheacht: tapamhlacht. Lé féicheamhantacht an chapaill geallaim duit go ndéanfadh aon tsaghas giolla 'n-a dhiaidh: sochmacht agus fonn chun oibre. Chuirfeadh a fhéicheamhantacht áthas ar do chroidhe, gan tafant, gan iarraidh bíonn sé i mbun an ruda a bhíos riachtanach nó budh dhóigh leis gur mhaith nó bail a dhéanamh: éascaidheacht. Is deacair achrann ná imreas do dhéanamh leis mar lé n-a fhéicheamhantacht ní mór gur féidir é do chur chun feirge. Is é a mhianach teacht leó chun síothchána: sochmacht ar son suaimhnis. B'fhearr, dá chruadhacht ortha é, do thír na Fionnlainne, breis féicheamhantachta don Rúis i dtúis an ghleóidh 'ná bheith ag brath ar chabhair ó Chómhachtaibh an Iarthair: fonn géillte. Tá orm a rádh ná fuil aon locht ar fhéicheamhantacht an fhir i ndíol a chuid fiach: bíonn tráthamhail leó. Dár lé mórchuid daoine nách mór é féicheamhantacht saighdiúiridhe na Frainnce dul chun chogaidh lé saighdiúiridhibh na Gearmáine: ná braitheann an lucht ceannais an fonn asta féin ortha. An fhéicheamhantacht atá air coinghealla an mhargaidh do chóimhlíonadh má thréigeann iad beidh sí ar lár: dáil a bheith freagarthach ar chuma áirighthe. Chúig bhliadhna fichead 'n-a cheann stada dho agus moltar a fhéicheamhantacht ná raibh sé lá ar iarraidh ó n-a ghnóth ó shoin: tráthamhlacht agus dícheallacht an fhir ná faighfí locht air.

feicim: *b. an fhoirm spleádhach ar do-chidhim* Feic an áit sara gceannuighir é: scrúduigh é. Feic leathanach a deich: dearc uirthe ar chúrsa tagartha. Feic me i dtaobh an chunntais úd nó caithfead an dlighe do chur ort: tair agus réidhtigh liom 'n-a thaobh. Má heitigheadh tu feic duine éigin eile: téighir fé n-a dhéin ag lorg air.

feicseanach: *a.* so-amhairc, léir, tabhartha fé ndeara: deaghfhéachain. Is maith feicseanach an bhean í, an phearsa bhreágh, agus an seasamh maordha: go háluinn lé féachaint uirthe. Pé locht nó beith atá air tá sé tógtha in áit fheicseanach, chidhfeá faid do radhairc uait é: léir, oscailte don súil. Fochais fheicseanach ar lag trágha seadh í: lé feicsint: bíonn sí í radharc. Dá mbeifeá gan bheith leath chómh feicseanach ní thabharfá fé ndeara leath na rudaidhe nár ghábhadh dhuit: fairtheach, fairghiseach.

feicsint: *b.2. ₇ 3.* radharc, amharc, sians na súl ar rúdaidhibh imeachtracha: deallramh, an ghnúis. Tair ghom fheicsint: tair chugham ar chúram éigin, ach tair ghom fhéachaint: tair ar mo thuairisc i gcás breóidhteachta, chun do thuairme do thabhairt etc. Ní thaithnigheann a fheicsint liom, tá sé súighthe, báidhte: an deallramh, an ghnúis. Feicsint an-fhairsing, an-bhreágh ó bharr an chnuic: radharc. Níor mhaith liom é d'fheicsint, mar ná taithnighimíd le chéile: radharc súl d'fhagháil air. Ní fheadar cár ghaibh sé de cheithre árdaibh an domhain ó d'imthigh sé as m'fheicsint: as mo radharc. Ní fheadair aonne ann ná as é, ní raibh sé lé feicsint ná lé clos: aon radharc níor bh'fhéidir d'fhagháil air. Tair i bhfeicsint amach annso: i radharc. Bróga breághtha an-shaor ar feicsint sa tsiopa: ar teasbáinteas. Cuir ó fheicsint é nó bearfar air: i bhfolach. Go bhfeicsint domhsa ní raibh mágáine air: gur bh'fhéidir liomsa do dhéanamh amach lém shúil. Táimid in áit mhaith fheicseana anois: in áit go bhfuil radharc maith againn.

feide: *b.4.* críoch, foirceann. Tá sé i ndeireadh na feide, níl aon tsúil go mairfidh sé go maidean: tá a lá istigh. Mo mhallacht ar mar árdán táim i ndeireadh na feide ag teacht 'n-a choinnibh: buailte amach, traochta.

feidín: *f.4.* mairtéal cré i gcóir falla go mbíonn tuigidhe go minic thríd. Chómh tirim cluthair lé falla feidín.

féidir: indéantacht, dréir cao, foirtileacht. Is féidir leis an nduine siubhal, ach ní féidir leis eiteall gan eiteallán: tá sé i ndán: rud sodhéanta dho é. "Beidh Éire saor fós" – "b'fhéidir lé Dia san": go dtugaidh go mbeidh. "B'fhéidir go mbeadh ár ndóthain fós againn, dá bhoichte táimid" – "níl air ach b'fhéidir": is lé hádh do bheam. "Beidh sé annso ambáireach" – "b'fhéidir sin": thuitfeadh san amach. "Is deacair féidir" (seanfhocal): is minic ná bíonn rud sodhéanta nó deallramhtach chómh bog do ghnóthughadh agus thaidhbhsigheann sé. Sé a ndubhairt sé liom, "b'fhéidir" .i. ná raibh aon rud deimhnightheach. "Chuala go raibh síothcháin i bhfoigse dhúinn" – "b'fhéidir": d'fhéadfadh a lithéid do bheith i gceist, ach cé bheadh deimhnightheach? "Tabhair míle púnt dom" – "ní féidir é": níl aon dul air. Dá mb'fhéidir in ao'chor é, shaorfadh dochtúiridhe: dá mbudh rud indéanta é. "An féidir síothcháin do dhéanamh?" – "is féidir a's ní féidir, sin mar tá an scéal" .i. rud gur deacair a rádh. "Ghearraidh sé é féin go cnámh indiugh" – "ní féidir é" .i. bíonn sé do shíor ag déanamh rudaidhe go mbaineann conntabhairt leó. "Báthadh é" – "níor bh'fhéidir do é, Dia linn, ní raibh sé aireach air féin" .i. ní raibh dul uaidh aige. Ní féidir d'fhear na meisce é, Dia linn! .i. de dheascaibh na meisce bíonn sé claon lé droichghníomh nó lé hósbairt. "An ndéanfaidh sé rud ort?" – "tá sé idir an dá bh'fhéidir": níl sé deimhnightheach ceaca dhéanfaidh sé. Nuair chuirim ceist air, ní bhíonn aige ach, "ní fheadar" nó "b'fhéidir": ní bhfaghaim freagra cruinn. Is féidir leat do rogha rud ar an aonach do dhéanamh maidir lém chuid-se den gcúrsa" (rádh): dein do thoil féin. Ná bíodh aon bh'fhéidir agat, ach abair "déanfad" nó "ní dhéanfad": ná bí "siar ná aniar" leis: réidhigh t'aigne anois. "B'fhéidir ná fuil meas a dhóthain aige air féin" – "(dar ndóigh,) b'fhéidir tá": bí lándeimhnightheach de. [Tabhair fé ndeara "tá" in ionad "go bhfuil".] "Tiocfad-sa in aonfheacht libh má tá ceal fir oraibh" – "b'fhéidir nár bh'fhearr riamh é": tá gach aon dul go mbeifeá chómh maith nó níos fearr 'ná neach eile. "B'fhéidir nár bh'fhearr in Éirinn é" (rádh): ní cosamhla 'ná eile ná gur amhlaidh is fearr. "Táim-se chómh maith d'fhear agus toghfí mar Theachta Dála" –

“b’fhéidir féin sin (a dhuine)”: thuitfeadh sé amach go fíor. “An bpósfair?” – “b’fhéidir dom”: cé d’fhéadfadh a rádh ná déanfainn. An té gur bh’fhéidir leis cabhair do thabhairt níor bh’fhéidir do mar ná raibh sé ann in am: an té go raibh an cumas aige ar chabhair níor fhéad a thabhairt mar ná raibh i ndán do bheith láithreach. Ní féidir gurb amhlaidh atá fonn mo mharbhtha ort: dar ndóigh níl a lithéid ar inntin agat? “An féidir gur tu atá agam?” deirtear lé duine nuair ná bítear deimhnightheach dá aithne.

feidhm: *b.2. ₇ 3.* áis, riachtanas, cómhacht, obair, gnóth, cúram, earraidheacht, dualgas, fóghnamh. Árduigh leat an tsean-mheilt scine sin, níl aon fheidhm agamsa dhá bhaint aiste, b’fhéidir go bhféadfá-sa maith éigin do bhaint aiste: aon earraidheacht: cúram: gnóth. “Connus tá an fear breóidhte?” – “níl sé ar feidhm ná ar fóghnamh” .i. gan aon fheabhas ná maith. Is maith an úirlis an tuireasc san, gearrann sé go faobhrach, is ann atá an fheidhm: an t-adhbhar oibre. “Cad is feidhm don ngléas san? ní fheaca a lithéid cheana?” – “cad é an áis do baintear as?” Is fadó do caitheadh as feidhm céachdaidhe maide, céachdaidhe iarainn atá ’n-a n-ionad anois: as earrán: earraidheacht. Chuir an ghéag bhriste seo as feidhm me, faic nílim i ndán do dhéanamh: as bheith i ndán aon ruda do dhéanamh. Caithte, críonna, lag, is fada imthighthe as feidhm é gan mhaith, gan bhrigh. Ní cheannóchad é, níl aon fheidhm dómh-sa ann: maitheas, áis. An dtuigeann aonne agaibh é? Feidhm ar bith ní bhfaghaim ’n-a chainnt: brigh, tuigsint: fuaimeant. An mbainir aon fheidhm as an méid sin scríobhnóireachta: an bhfaghair bun nó barr leis? Cuirfear an dlighe i bhfeidhm ort má beirtear ag déanamh éagcóra ort: ’n-a luighe. Ní théigheann fuacht ná teas i bhfeidhm ar an nduine gcéadna: ní bhraitheann iad. Chuaidh bochtanacht na ndaoine i bhfeidhm chómh doimhin sin ar an Riaghaltas gur thugadar fóirithint gan mhoill ortha: i luighe gaibhte: ghoill ortha. Níl rud ar an saoghal ná déanfainn duit dá mbeadh feidhm agam air: neart: cumas. Dá bhfaigheadh súd an fheidhm ort luighfeadh sé ort - bí ar do chosaint air: an chao. Caithfear lón a’s aimsir do chaitheamh leis an ngluaisteán so, níl sé chómh furaiste san do chur i bhfeidhm: i bhfearas: in órdughadh oibre. Budh bhun tuisgeana d’aonne gur b’é a chaillfeadh, bhí gach buille ag dul i bhfeidhm ó thúis air: ag dul chun críche: ’n-a luighe air: ag goilleamhaint air. Is beag é éileamh aonne anois orm, ní bhfaghaim ach cúl láimhe ó tá deireadh lém chuid feadhma: áis: maitheas chun ruda do dhéanamh: tairbhe d’aonne. Sin iad na daoine dícheallacha chun an tsaoghail agus tá a rian ortha, tá feidhm ortha; féach a ngustal ’sa strus: go maith as: bun ortha. Tháinig an aicíd chómh borb san sa pharóiste nár fhág sí fear infheadhma ann gur imthigh an talamh gan saothrughadh: oireamhnach chun oibre. “Connus tá do chlann, an bhfuilid mór?” – “iad go léir infheadhma ’sag tuilleamh dóibh féin”: fásta, maith, láidir a ndóthain chun oibre. Labhair féin leis, níl tor madra aige orm-sa, ní fhéadfainn-se mo thoil do chur i bhfeidhm air: iachall do chur air géilleadh dhom. Bhí a ndóthain feadhma ar bhochtánaibh gan daoirsiughadh an bhídh a bheith ortha: a ndóthain mór cúraim ortha maireachtaint. Ar an bhfuadar atá fút aithnighim ort go bhfuil droichfheidhm fút: ar t’inntin aimhleas dhuine éigin do dhéanamh. Is mise, ná bíodh eagla ort, atá i bhfeidhm a dhéanta: “deas air”: ábalta air. Chuireas d’fheidhm air teacht ar do thuairisc: nascas air: d’órduigheas do. Tá feidhm do dhóthain agat chun cabhartha do thabhairt do dá mbeadh an fonn ort: de chumas agat. Thug na Fionnlochlannaigh tréanfheidhm ar na Rúiseánaigh do chur i ndiaidh a gcúil: iarracht éachtach. In am feadhma níor theip sé orainn, chabhair sé linn: le linn an ghábhtair: i mbroid an lae chruaidh. ’On diall me go bhfuil feidhm ort má tá an gnóth san

go léir dóthain seisir lé déanamh agat: an obair gearrtha amach duit: mórchuid. Fonn gan feidhm: dúil chun ruda do dhéanamh agus gan an cur leis ann. Budh mhaith an fear lé n-a linn é. Is mó feidhm ná díoghbháil do dhein sé: gar, áis, fóghnamh: cineáltacht. Dá mbeadh feidhm orm-sa bheadh saoghal scléipeach agam in ionad síor-obair a's easbhaidh, mar tá anois: saidhbhreas: cómhacht chun caithte liom féin. Aon rud do dhéanfair dein lé feidhm é a's ná bíodh sé liobarnach: i gceart.

feidhmeach: *a.* bríoghmhar, faobhrach, fuadrach, éifeachtach. Dá mbeadh an chómhacht fheidhmeach aca d'ionnsóchaidís an dún cosanta: an chómhacht do thabharfadh toradh ar a mbeart. Thug sé aighneas feidhmeach uaidh, chonnac gach aonne a's cluas air ag éisteacht go haireach: cainnt bhunadhasach: bríoghmar. Aon rud do chuireann sé roimis bíonn sé feidhmeach 'n-a thaobh: aireach, luath: críochnamhail: gus chun ruda do dhéanamh ar fheabhas. Sin iarracht ná raibh feidhmeach: níl faic dá bárr agat: nár ghoill ar an rud gur tugadh fé: go ndeachaidh an iarracht ar an bhfán. Armáil fheidhmeach ag an nGearmáin a's í ghá chur in iúil leis na héachtaibh do dheineann sí léi: cómhachtach 'n-a toradh.

feidhmeamhail: *a.* cómhachtach, bríoghmhar, acfuinneach, áiseamhail, torthamhail in iarracht. Nách feidhmeamhail atá an sáile ar na clochaibh sin go bhfuil crot cruinn tagtha ortha agus iad cruaidhte ó bheith dá n-iomlosc: torthamhail in iarracht. Is mór gur feidhmeamhla an íle 'ná an rámhaidheacht: gur bríoghmhaire chun báid do chur ar aghaidh. Feirmeóir feidhmeamhail go bhfuil fairsinge thalmhan agus go bhfuil eadáil aige air: bunamhail: bunadhasach. Thug an Ghearmáin buille feidhmeamhail indé, chuir sí trí báid fé thuinn ar tóin puill: cómhachtach: a chuaidh i luighe gaibhte. Caith uait í mar ghluaisteán níl sí feidhmeamhail, ní chuirfeadh do dhícheall i bhfearas gluaiste í: oireamhnach chun a hoibre do dhéanamh. Ball feidhmeamhail in aon tigh seadh rothar le linn deabhaidh nó rud: áiseamhail: acair. Fear feidhmeamhail go maith dhuit seadh é, ní mór ded chúram ná go ndeineann sé dhuit: áiseamhail: maitheasach.

feidhmeanas: *f.1.* gnóth, obair, fóghnamh, cúram. Is deacair dom aonnidh do bheith agam, díomhaoin gan feidhmeanas lé dhá bhliadhain: in aon rud gnótha tairbheach: cúram. Níl aon amhras, a fhir bhoicht, ná gur maith an feidhmeanas 'n-a gcuirir do chuid airgid é do chaitheamh ar ólachán: an áis 'n-a gcuirir é. B'fhearr liom bheith in aon tsaghas feidhmeanais dá olcas é 'ná bheith díomhaoin: obair: aon rud a choingbheóchadh an inntin nó na géaga ar siubhal.

feidhmeamhlacht: *b.3.* cómhachtacht, éifeachtamhlacht, áiseamhlacht, foirtileacht: an dáil feidhme (feadhma). Lé feidhmeamhlacht a chuid chainnte ag tagairt ar son an chosnaigh bhain sé deóra ón mbreitheamh agus ón gcuisle (coisde): an neart fearta a bhí innte chun combáidhe do chorruighe in inntin. Níl aon teóra lé feidhmeamhlacht aibhléise i saothar an lae atá ann, chun monchraidhe agus uile do chur ar siubhal: cumas torthamhail. Feidhmeamhlacht na mbriathar gceart .i. go gcaithtear géilleadh dhóibh ar áis nó ar éigean: neartmhaire. I gcómhrac an dá abhann, nidh nách iongadh, bíonn breis feidhmeamhlachta san uisce toisc do breis do bheith ann: neartmhaire agus cur leis. Baineadh manntaidhe as an gclaidheamh, do loit san a fheidhmeamhlacht: a áiseamhlacht: an feart nó an chómhacht a bhí ann chun a chúraim do chur i gcrích.

feidhmeanta: *a. n-dh.* acfuinneamhail, cómhachtach, feartach, dearbhtha. "Nách feidhmeanta iad na briathra cearta! ach cad é an nidh imdheargas bhur n-aighneas" (Iób VI. 25): treiseach: braithteach: goilleamhnach. Bheadh an fear céadna san feidhmeanta ar chuid mhaith do dhéanamh dho féin, mar tá an feart ann mara mbeadh a leisceamhlacht: i ndán: ábalta. Dhiúltuigh sé me chómh feidhmeanta san gur léir dom gur bh'fhuar dom iarraidh airís air: chómh dochaiseach san: go dúluighthe: gan aon dá leath do dhéanamh dá dhearbhthacht. Cuireadh coingheallacha feidhmeanta leis an margadh ar an dá thaobh gur dheacair a mbriseadh gan aimhleas lucht a dhéanta: ceangalacha: foirtile: cómhachtach. Cailín feidhmeanta in oifig í sin: ábalta ar a cúram do dhéanamh gan chao chainnte do thabhairt dá huachtaránaibh.

feidhmighim: *b.a.* gnóthuighim, sroichim, oibrighim. Dá mhéid rud do thairngis ort i rith do ré, a's níor bheag é, níor fheidhmighis aonnidh riamh, táir sa chan chéadna a's bhís an chéad lá: níor ghnóthuighis: níor chuiris chun críche. Is fada riamh gur fheidhmigh an seanlóchrann, fág uait é, níor bh'aon mhaith dhuit é: ná deárna sé an cúram chun ar deineadh é. Tá sé gan bheith ar fóghnamh lé fada, ní fheidhmigheann a dhubháin: ní dheinid a ngnóth nádúrdha. Feidhmeóchad an uile rud do gheallfad: cóimhlíonfad. Sin dlighe ná feidhmeófar choidhche, tá sí ró-íogair, chun eagla do chur amach do ritheadh í: ná cuirfear i gcrích: ná bainfear áis aiste. Feidhmigh dom anois: dein gníomh ar mo shon láithreach. Ná feidhmigh do, buail bob air: ná dein do an rud go bhfuil súil aige leis. Lém chuimhne níor fheidhmigh an lámh so agam lé dathachaibh, cor níl aiste: níor fhóghan sí dhom: aon áis níor dhein dom.

feidhmiughadh: *f.* (*-ighthe*) (do) chóimhlíonadh: (do) ghnóthughadh, (do) shroichstint, (do) chur i gcrích, in áis; (do) chur chun cinn. "An bhfuil an gléas uisce seo ag feidhmiughadh?" – "níl, tá sé briste": ag oibriughadh: ábalta ar é do tharrac. Tá gárdaidhe, agus saighdiúiridhe, más gábhadh é, againn chun ár ndlighthe d'fheidhmiughadh: do chur 'n-a luighe ar an ndream ná beadh óighréireach. Bíonn sé ar a dhícheall ag feidhmiughadh dréir a chumais, gach dualgas atá air: ag cóimhlíonadh: d'iarraidh a chur chun críche.

feidhm-láidir: *a.* bríoghmhar, smoirteach, gusmhar. Dá aois, níl ar m'aitheantas aon fhear is feidhm-láidre 'ná é, beó, beathadhach, moch, déidheannach ag obair 'sag gnóth: lúthmhar. Daoine dochlaoidhte ar an seasamh do thugadar uatha in aghaidh anacra agus drochthomhaltais. Feidhm-láidir i gcorp a's in aigne: tréan: buan. Ar theacht ón ósbairt úd do bhí sé chómh feidhm-láidir a's bhí riamh, ag gnóth 'sag obair mar bhí riamh: bríoghmhar: éascaidh, mear, smioramhail.

féig: *a.* géar, rinneach, pras. Thug sí súil féig orm gur thuiteas i searc a's i síorghrádh léi: géar: rinneach: a ghaibh tríom. Is maith féig do shlaid sé an t-airgead den gconntabhairt ná feacaidh aonne é: prap agus glic.

féige: *b.4.* máchail, éasc, úidh. Is mór an neart atá ann, níl aon fhéige 'n-a chorp: laige: ball cailleamhnach. Dá mbeadh aon fhéige ann ar ar rug d'iomard a's bhuaidhreamh na

beatha saoghalta so air bheadh sé ’n-a chré: aon phioc de do bheith cailleamhnach ná leóchaileach. Corp gan féige: córach, folláin.

feighil: (**feidhil**) *b.2.* aire, cúram, úidh, bun, breithniughadh: aitreamh aimsire, radharc. Fágadh i bhfeighil an tighe me faid agus bhí an chuid eile den líon tighe as baile agus cuireadh i bhfighis orm gan aon lúb ar lár do thabhairt ann: i mbun, in aire. Sé méid maitheasa atá sa tseanduine anois é do chongbháil i bhfeighil na mbó: ag tabhairt aire dhóibh, ’n-a mbun. Ní chuireann sé isteach ná amach ar aonne, ach bheith i bhfeighil a ghnótha féin. Chuaidh sé ’on chathair ar lorg oibre i bhfeighil a bheatha do thuilleamh do féin: ionnas go mbeadh cao aige air. I bhfeighil mo mharbhtha bhí sé leis an gcromsciain a bhí aige: i mbun: ar inntin. Bhíos i bhfeighil dulta abhaile díreach nuair fuaireas tuairisc bháis m’athar: ar aigne. Raghad i bhfeighil codlata anois, níor luigh mo shúil lé dhá oidhche: i gcóir. Caithfead stad do chaitheamh tá mo chuid airgid i bhfeighil bheith caithte: i ngiorracht. An bhfuil aonne annsan a sheasóchadh i bhfeighil na hoibre seo: os a cionn. Ná bí i bhfeighil mo mheallta anois, ná bain an turus fada so asam gan an fhírinne d’innsint dom: i mbun: ar aigne: i bhfonn. Níor fhéadas a thabhairt chun cruinnis ar fhear nó bean a bhí ann, mar bhí sé faid na feighle uaim, ar éigean do chonnac é: faid mo radhairc. Chaith sé mí san áit ag dul thart tímcheall na háite a’s na ndaoine chun dul i bhfeighil a dtaithighthe: go bhfaghadh aithne a’s eólas ortha trí chéile. Is beag maitheas bheith ag tafant orm-sa dul ann mar ná fuilim i bhfeighil teacht: nílim ag cuimhneamh ort. “An bhfuil aon airgead agat dom?” – “níl ná me ’n-a fheighil duit”: ’n-a bhun duit: ná me ag taidhbhreamh air. Loirg sé airgead orm, ach dubhart leis dul i bhfeighil a ghnótha: aire do thabhairt dá chúram féin má bhí a lithéid aige. Níor bh’aon mhaith dhom bheith ag feadghail air chun fillte, bhí sé faid na feighle uaim, a’s ní chloisfeadh sé me: faid a’s shroichfeadh mo shúil.

feighlidhe: (**feidhlighe**) *f.4.* duine leanamhna, fóghantaidhe, faireachán, friothálaidhe, coimeádaidhe. Níl aon amhras ná gur maith na feighlidhthe a bhí orm, ar feadh mo chúig mbliadhan im chime, níor fhágadar an chos agam, a’s ní bhfuaireas aon lom ar éalódh: fairitheóiridhe: faireacháin. Táim róbhocht anois chun feighlidhe do bheith agam, tá orm gach nidh do dhéanamh dom féin: friothálaidhe. Ar mhórchuid de chuantaibh na hÉireann tá feighlidhthe ag faire ná cuirtear isteach ar neódaracht (neamhthaobhthacht) na tíre sa chogadh so: lucht fartha. Cuireadh an lámh uachtair orm, bhí an iomad im choinnibh a’s me gan feighlidhthe do chabharfadh liom: lucht leanamhna. Ní raibh d’feighlidhthibh ar a thórramh ach an ré: é marbh fén spéir gan neach ’n-a thímcheall.

feighlidheach: (**feidhlidheach**) *a.* aireach, braithteach, friothálach. Is feighlidhighe bítear sa tigh ósda so ar an té a thugas an síntiús breise don lucht friothála: is mó go dtugtar aire dho. Ar gach scata géadhanna fiadhaine bíonn gé fheighlidheach: gé ar gárda. Dá fheabhas do dheineas mo dhícheall ar lom imtheachta d’fhagháil air bhí sé ró-fheighlidheach dom, níor thóg sé a shúil ó shoin díom: aireach: cúramach ná faghainn an chao.

feighlim: (**feidhlim**) *b.a.* fairim, tugaim aire dho. Feighil an leanbh dom, ná leig do tuiteam ar an gcliabhán: tabhair aire dho. Feighilfead-sa an bád go bhfillidh sibh: bead ’n-a bun i slighe a’s ná himtheóchaidh aon rud uirthe. Cé bhíonn ag feighilt an teampaill seo,

nách aindeis an aiste atá air: ag féachaint ’n-a dhiaidh agus ghá chongbháil glan slachtmhar. D’fheighil sé go maith an chos thinn mara mbeadh gur dhein d’fhágfadh sí cimiar: thug aire mhaith dhi.

feighilte: (**feidhilte**) *a.r.* fartha, friothálta. Bead ag dul abhaile anois ó tá gach rud feighilte agam a’s é ’n-a ionad cheart: curtha i dtaisce nó i gcrích tréis mo lae oibre. Sa tsamhradh nuair thúirlingeann mórán gluaistínidhe ar an dtigh ósda bíonn an tráthnóna caithte sara mbíonn feighilte againn ortha go léir: friothálamh déanta ar gach nidh a theastuigheas uatha. Tá gach aon rud i dtreó cheart, tá siad feighilte agam, níor fhágas faic gan féachaint air: breithnighthe d’fhios an mbeadh i gcóir a’s i gceart.

feile: *b.4.* blúire nó earball beag éadaigh a fhanas breise tréis tómhaiste. Feilidhe beaga a dhéanfadh preabáin: géiridheacha: blúiridheacha ná bíonn le díol nó nách féidir ball do dhéanamh díobh.

féile: *b.4.* flaitheamhlacht, oineacht, laimhthighis; sochroidheacht i dtabhairt nó i mbronnadh; cineáltas don iasachtaidhe. Tigh na féile nár leigeadh duine fé ocras ná tart riamh as: aire agus cineáltas don té go raibh easbhaidh air. Sid é bórd na féile agaibh: an bórd mórthomhaltais agus go bhfuil fáilte roim gach aonne chuige. Dá mbeadh an fhéile id chroidhe ní leigfeá dealbh an t-iarrthóir sin: an croidhe flaitheamhail, cineálta. Ná bíodh iongadh ort é do bheith mórchroidheach, fuineadh as an bhféile é: an mianach geinte ’n-a shinnsear chun tabhartha dá gcuid go flúirse do naoidhe an easbhaidh. Is ann ná fuil féith na féile, ní fheicfeadh sé a chroidhe dá mbeadh sé ar a bhais aige: an mianach ó phréimh chun ruda do bhronnadh nó do thabhairt. Tá sé imthighthe lé féile ar fad lé déidheannaighe: dulta chun flaitheamhlachta. Croidhe na féile iad san: daoine ná locfadh faic ort: a thabharfadh uatha gan dochma.

féile: *b.4.* lá féasta; beirbhighis áthasach; am; tráth; lá saoire; gála cíosa; lá an chíosa. An oiread san dúlach i bhfeóil aige go n-íosfadh gach féile í: gach am do gheóbhadh sé í. Féilidhe na bliadhna – an Nodlaig etc. Lá na féile ní raibh an cíos agam: an lá dleaghthach chun a dhíolta. Níor dhíolas an fhéile dhéidheannach fós: an gála déidheannach. Mo lá go deó é bhí féile agus flaithe croidhe: tabharthach agus fairsing, neamhmion, neamhleithleachais ’n-a thabhairt. Go dtugaidh Dia féile fé shubháilceas díbh, c.i.g. go raibh Nodlaig etc. shubháilceach agaibh. Ar an gclódh a’s an fuadar atá fúibh tá fonn oraibh lá féile do dhéanamh de: lá le haoibhneas, subháilceas a’s caitheamh aimsire.

féileamhail: *a.* ag baint lé lá féile, girréiseach, subháileach, aitreamhach. Téigheann sé ar chaoireachaibh féileamhla laetheanta a thuarasdail: meiscidhe anois agus airís. Lá na ráiseanna beidh lá féileamhail againn, bainfeam: lá go mbeidh girréis orainn ó n-ár subháilceas a’s ár n-aoibhneas féin gan suim i gcúram ná i ngnóth againn. An lá dob fhéileamhla riamh san Oileán Úr Lá ’le Pádraig mar a mbíonn na céadta mílte i ngach baile scurtha ó obair, ag ascnamh trís na sráideannaibh, ’sag caitheamh fleadh an oidhche sin: tugtha do scléip, do chaitheamh aimsire a’s d’áthas.

feileamhain(t): *b.3.* oireamhainteacht, (ag) oireamhaint. Caith dhíot an leadhb de hata san, tá sé anuas go cluasaibh ort, níl sé ag feileamhaint in ao'chor duit: ní thagann sé duit: ní hé an toirt cheart dod cheann é. Cainnt gháirseamhail í sin ná fuil ag feileamhaint in ao'chor ameasc ban: ag oireamhaint: ná gabhann leó. Scaradar lé chéile mar ná rabhadar ag feileamhaint dá chéile, níor bh'é an meón céadna a bhí aca a's níor bh'fhéidir leó réidheachtaint lé chéile: ní raibh cómhfhreagairt eatartha.

feileamhan: *f.1.* goradh nó at tinneasach fé mhéireanntaibh nó órdógaibh na lámh nó na gcos; othar. "Feileamhan nár théighidh id láimh choidhche" (rádh): deirtear so lé duine tréis bearta maithe do dhéanamh: nár thagaidh an galar otharach uirthe. Feileamhan seithe: cluig bhriste ar an gcroiceann. Feileamhan saith: othar fé gheirb.

féileamhanta: *a.* anois agus airís ar aitreamhaibh áirighthe, tréimhseamhail. Tagann an samhairicín go féileamhanta go luath san Earrach: go tráthamhail. Ní thagann sé annso gach aon tseachtmhain ach féileamhanta: ar amaibh thráthamhla: ní theipeann air teacht dá fhaid ó chéile tráth dho.

feileamhnach: *a.* oireamhnach, príomhaide. Nách feileamhnach an leasainm do tugadh air, "caimiteónach", mar tá sé cam: oireamhnach: iomchubhaidh. Téigheann an bolta san go feileamhnach i súil an iarainn: go hoireamhnach: a ionad díreach atá sa pholl. Tháinighis eadrainn ar uain árd-fheileamhnaigh agus sinn ag itheadh an bhídh, suidh: tráthamhail (chun rud do thabhairt lé n-itheadh dhuit). An té adubhairt gur bh'é cúram dhuine a chúram féin, féin b'fheileamhnach an carbhall é: an freagra ceart do thabhairt air chun eisean do bhac lé neach eile.

feille-bhás: *f.1.* bás gránda, duabhaiseamhail. B'fhada iomard a's duadh air is é a fuair an feille-bhás lé pian a's gearán: bás fuilngtheach. Thairng na saighdiúiridhe lé téadán i ndiaidh an ghluaisteáin ar an mbóthar é gur scar an t-anam leis, nár bh'é an feille-bhás é: gráineamhail, neamhdhaonna.

feille-bhinn: *a.* an-bhinn: an-mhaith. Seimeann sé go feille-bhinn, budh bhreágh léd chroidhe bheith ag éisteacht leis: go han-cheólmhar. Tuigim-se thusa go feille-bhinn, ná habair a thuilleadh: níor bh'fhéidir liom thú do thuigsint níos fearr: níl aon fhocal amugha orm. Sin ím feille-bhinn: an blas cumhra atá air: sár-ím. Scríobhann sé go feille-bhinn, bíonn gach aonne ar sciobaidh chun a léighte: go hiongtach. Lá feille-bhinn chun aon ruda do dhéanamh seadh é: is deacair a shárughadh d'fhagháil.

feille-bheart: *b.3.* gníomh gránda. Deineadh feille-bheart air, tuairm gach aonne, ní taom ná tuiteam ná trúin eile bháis do fuair sé ach drochbhuille: gníomh i bhfeall. Feille-bheart d'aonne an rud nách leis féin do bhailiughadh chuige i nganfhiosaidheacht: gníomh táir, éagcórach.

feille-bhean: *f.* (*-mhná*) bean fhásta, shláinteamhail, fholláin. Och, táir it fheille-mhnaoi: bean mhór déanta dhíot. Tá mo chlann inghean go léir anois 'n-a bhfeille-mhnáibh: mná fásta, láidre. Dá aosta é fuair feille-bhean: bean gan locht.

feille-bhitheamhnach: *f.1.* bitheamhnach críochnuighthe, corónta. An feille-bhitheamhnach rugas air agus a lámh im phóca aige agus budh dhóigh leat ar an gcainnt a bhí aige gur bh'fhíor-chara é: bitheamhnach gur deacair a shárughadh d'fhagháil. Tháinig feille-bhitheamhnaigh éigin agus níor fhágadar luid sa tigh gan árdach leó, fiú amháin mo leabaidh: bitheamhnaigh chríochnuighthe gan aon taise. A fheille-bhitheamhnaigh na dúthaighe! gur goid a's fogha a's fuadach do chreideamh: bitheamhnach ná bíonn aon teóra leis.

feille-chladhaire: *f.4.* cladhaire amach 'samach. Nár bh'é an feille-chladhaire é agus a rádh liom gur fadó bhís id chré, anois cad raghadh uaidh gan rádh: cluanaire ceart. A Liam, nách tú an feille-chladhaire agus an císte milis a bhí agam i gcóir na n-uaisle d'itheadh: gadaidhe beag, glic. Feille-chladhairidhe seadh na siopadóiridhe seo a dhaoirsigheas a gcuid earraidhe chómh luath agus buailtear cogadh: lúbairidhe ná staonfadh ar aon rud dá shuaraighe chun iad féin d'fheabhasughadh.

feille-fhear: *f.1.* fear déanta, fásta. Ní mór gur aithnigheas thu, d'fhásais chómh mór san ó chonnac cheana thu. Dhein feille-fhear díot: fear cumasach. Ól é sin má bhrathair fuacht ort, déanfaidh sé feille-fhear díot: brathfair go hiongtach 'n-a dhiaidh. Feille-fhir chun imeartha iad: rí-fhir: shásóchaidís aonne.

feille-ghníomh: *f.1.* gníomh nó beart ghráineamhail, fealltamhail, urchóideach. Dóghadh an chathair lé teine agus ruibh ó neamh mar gheall ar na feille-ghníomharthaibh a bhí ar siubhal innte: gníomhartha gáirseamhla; neamhghlana. Feille-ghníomh don Rúis iomghabháil do dhéanamh ar an bhFionnlochlainn dréir Shasana ach cad mar gheall ar a feille-ghníomh féin in iomghabháil na hÉireann a's i gcoimeád a greama uirthe: gníomh fill ná gabhann leathscéal ar bith fealltamhail. Feille-ghníomh seadh luighe trom ar bhochtaibh: beart olc, pheacamhail.

feille-ghníomhach: *a.* urchóideach, olc, malluighthe, táir. Ag feannadh na mbocht do chaith sé a bheatha go feille-ghníomhach, ag fáscadh chíseanna asta, ag díol go daor leó, 'sag breith gearraid ortha: olc, éagcórach. Nuair fuaireadar bocht é tréis a choda do chaitheamh ortha agus a gheallamhaint do go mbeadh áit chómhnaidhthe choidhche aige chaitheadar amach go feille-ghníomhach é: éagcórach, táir. Daoine feille-ghníomhacha ná leigeann dá gcómharsanaibh ach ag slad a gcoda: cam, olc. Saighdiúiridhe feille-ghníomhacha a dheineadh éigean ban a's a réabadh teampaill: malluighthe.

feille-rógaire: *f.4.* lúbaire cam, duine a bheadh ag déanamh rud as an slighe i nganfhios. Iontaoibh agus muinghin ge n-a lucht feadhmanais as a's é ag fogha uatha ar gach cuma: lúbaire bradach. An bhfeiceann tu an feille-rógaire sin ag ól toitínidhe i nganfhios dá athair: lúbaire beag, mealltach.

feilmeint: *b.2.* dúil. Nár dhiail an t-eagla a bhíodh aige roimpe, pé áit go bhfeiceadh í chuireadh de ins na feilmeintidhibh as a radharc, budh dhóigh leat gur bh'é eagla a mharbhtha a bhíodh air: lé teann deabhaidh. Chuireas ins na feilmeintidhibh siubhail: go mear, tapaidh, pras. Cuireann a chuid cainnte gáirseamhla ins na feilmeintidhibh feirge me: chuin buile ar fad. Tá sé ins na feilmeintidhibh indiugh, ag caitheamh airgid ar nós na

gainimhe: imthighthe gan aon riar aige air féin. Ceann d'iongtaisidhibh an domhain cainnt do theacht trís na feilmeintidhibh na céadta mílte: tríd an aer.

féilteamhail: *a.* tráthamhail. Tagann fear an aráin 'on pharóiste go féilteamhail: lá áirighthe den mhí nó den seachtmhain. Fear macánta, díreach a dhíolas a chuid fiach go féilteamhail: tráthamhail: gan aon teip.

féin: (**féinig**) *forainm dhearbhtha agus athchasta* Cialluigheann sé rud a bhíos; ag baint lé. Sinn féin sinn féin: aon bhuidhean doscartha amháin seadh an dream go bhfuil tagairt dóibh. Iad féin iad féin, ná tagadh aonne eatartha: daoine muinnteardha, báidheamhla, gaolmhara iad. Mise me féin, cé hé thusa? .i. sara n-innsead duit m'ainm inns-se t'ainm-se. Sid é mo thigh féin, féin, a's ní chuirfidh aonne as me: mo thigh-se gan cheist ar bith. "Bhuail-se é" – "bhuail-se féin é": má táir 'n-a bhun buail é nó fág gan bualadh é. Agus san féin, ní éireóchadh leis: agus an rud a deirir do lamháilt. "Tá Seán 'n-a dhroichmhianach mhaith, agus ní taise do Shéamas é" – "eatartha féin atá sé": is deacair dígh ná rogha do bhaint asta lé méid a ndroichmhianaigh. A scéal féin scéal gach aonne, cad fáth ná tagróchainn mo cheart?" Do thairbhe féin roim thairbhe aonne eile. Dá bhfanadh sé foidhneach bheadh an scéal go maith aige" – "féach féin sin": díreach mar deirir. Cad fáth ná beinn buanamhail air, nách é mo dhuine féin é: duine go bhfuil gaol, dlúthmhuinnteardhas agam leis, nó as mo cheanntar féin. Chonnaicís féin mar d'éirigh na hearraidhe tighe lé linn chogaidh an domhain a rádh ná héireóchaidís sa chogadh so: chonnaic, agus bhrath gach aonne san. Dá mbeadh pingin féin agam do thabharfainn duit, a gharsúin bhoicht: oiread agus pingin. Dá mbuaileadh fiú agus aon Éireannach amháin féin liom mar a rabhas ní bheinn chómh huaigneach: fiú amháin agus: gan a thuilleadh ach san. Go deimhin féin duit ní chorróchad cos liom as so, ná bíodh aon eagla ort: go lán-chinnte. Anois féin do bhí sé annsan, cár imthigh sé?: ar an nóimintín seo. Níl sé déidheannach fós féin agat dá dhéidheannaighe é ach deabhadh do dhéanamh: d'aindeóin an trátha atá ann. Connus is gábhadh dhom rud do dhéanamh atá déanta cheana féin agam: go dearbhtha. Má fuair sé airgead uait féin cad é an gearán atá ort, ná raibh sé tuillte aige ort?: ar a admháilt go bhfuair etc. Chlipfeá Dia féin, moladh leis, gan do phort agat ach an béal bocht: dá dheacracht Dia do chlipeadh etc. Budh mhór an nidh b'fhiú aige é, ní thabharfadh sé don rí féin é: agus tábhacht an righe do chur chuige. Thugas cómhairle go minic dho, ní ghlacfadh í, air féin bíodh anois: má éirigheann éinnidh olc dho anois bíodh an mhilleán aige air féin. D'árduigh sé a sheólta a's bhailbh leis, air féin bíodh: deineadh mar is féidir nó is toil leis feasda. "Fútha féin atá" (na sagairt), ars an fear ná féadfad an argóint 'n-a gcoinnibh do sheasamh ach a chreid go diongmhálta ná féadfaidís bheith mícheart. "Cad dhéanfad anois?" – "fút féin bíodh": dein do rogha rud. "Fé féin dob fhearr é" .i. aon rud i dtreis dar leis nár ghábhadh dho cómhairle ná cabhair. Labhras asam féin: gan aonne ghom spriogadh. Fásann san as féin: gan a shíol do chur. Thug sé an t-airgead uaidh as féin: gan aonne ghá iarraidh air. Uaidh féin is fearr é, ach ná hiarr faic air: dhéanfadh sé maith nó comaoin ach gan bheith ag tafant air. Uait féin amach b'é an fear budh ghalánta dár bhuail riamh liom é: ar an dtaobh amuigh dhíot-sa. Ó chroidhe féin táim ghá thabhairt seo dhuit: lé fonn ceart. Leig dom féin, adeirim leat, cá bhfuil do chúis orm? .i. táim ghá athchuinghe ort. Do féin dob fhearr é, sin a bhfeaca-sa de mhaitheasaidhibh ann: ag cuimhneamh ar a thairbhe féin roim aonne eile. Chúcha féin do bhíos a's ní chughat-sa: an dream eile go rabhas ag tagairt dóibh. Chughaibh féin:

fágaidh an bealach: an tslighe. Bead liom féin ag dul abhaile: im aonar. Suidh leat féin: ar leithrigh: gan neach it fhochair. Duine leis féin é sin, shiubalófá tamall maith sara bhfaghfá a lithéid: fé leith: éagsamhail. Beir leat féin fós mara gcuirir deireadh leis an bhfuadar atá fút: beidh milleán agat ort féin. Idir me féin agus tusa, b'fhearra dhúinn gan a thuilleadh moille do dhéanamh: 'n-a rún eadrainn. Tríotha féin do leagadh iad: ortha is cóir an chúis do chur. Ná dein do chuid féin d'aon rud ná baineann leat: ná sealbhuigh: ná tuigtear duit gur leat é ná go bhfuil buannacht agat air. "Sin cnámh agat, a's cuir féin feóil air" (seanfhocal) .i. dein lé n-a bhfaghair. Ní mise féin ná dubhairt san: ní uair ná dhá uair adubhart ná gur mar sin do bheadh. Obair ró-chruaidh d'fhear féin seadh gan bac de mhnaoi: ar a fágaint fé fhear. Ól duit féin deirtear ag diúltamh do rud go grod. Mó dhá chluais féin do chualaidh é: fíné air me go ndubharthas é. Chonnac lém dhá shúil féin an áit: fíné air me go bhfuil ann nó gur thárlaidh mar tá a thuairisc tugtha: bítear deimhnightheach de. Dhíolas as mo phóca féin as: dhíolas thar cheann dhuine eile nó as rud nár ghábhadh dhom. Buachaill óg ann féin le pósadh é: is ar a óige. "Tabhair a chómharthaidhe dhom" – "tá sé aindeis, trom ann féin": is ar a thruime, mós trom. Bí go maith dhuit féin: tabhair déanamh chómh maith agus is féidir leat duit féin: bain subháilceas amach: ná leig aon leathcheann ná leathtrom id ghoire. Níl spirid ná púca gan fios a chúrsa féin: neach ar bith ná go mbíonn a fhios aige cén fáth go ndeineann rudaidhe áirighthe nách soiléir do chách. "Rinne sé dearmhad gan deallramh" – "má seadh féin, scaoil leis an turus so": dá aindeóin sin agus uile. "Itheann cat ciúin féin iasc" (seanfhocal) .i. dhéanfadh duine gan tuairm leis rud. Tá sé go holc, ach má tá féin téighir 'n-a threis: cuir i gcás go bhfuil. Más bocht féin dom ní cuibhe dhom gan bheith macánta: cé go bhfuilim bocht. Dá mbudh é an diabhal féin a bheadh ann ní chuirfeadh sé aon eagla orm: gidheadh gur bh'é an diabhal dá olcas é. D'imthigh sé dho féin a's ní feachthas ó shoin: gan aon tuairisc do chur uaidh. Ná cuirtear aon nath ann ná 'n-a chuid deáibreacha, mar is fada imthighthe dho féin: gan riaghail, gan smacht. An aimsir imthighthe di féin ar fad, sín an uile lá: dulta chun anatais: an-olc ar fad. Abair leat féin go mbeadh míle púnt agat, cad dhéanfá?: cuir i gcás. An ceann atá ag cur air, bíonn sé ag imtheacht leis féin: iargcúlta ó chách. Imthigh leat féin anios, a fheille-bhitheamhnaigh, níl aon ghnóth ameasc daoine meastamhla agat: gread!

feirc: *b.2.* fadhb, maig, riasta, fústa. Mara n-iomcharuighir thu féin agus fanacht go ciúin, socair cuirfead-sa feirc ort: rian: riasta .i. buailfead thu agus goirteóchad tu. B'fhéidir go bhfuil feirc anois air tréis na dlighe: go bhfuil thíos lé. Cuireadh an scian go feirc n-a chliabhlach: isteach go cois: dornchúl. Bain an fheirc det hata, a dhuine uasail, tá sé rómhór ar fiarsceo agus cuma an fheille-bhleaigeáird aige ort: an mhaig: leathcheann: claonadh ar leathtaoibh. Bairéad trí bhfeirceann ar an sagart: cúinne. An ag bruighean do bhí sé go bhfuil na feirceanna go léir air?: cnapáin.

feircín: *f.4.* soitheach beag adhmaid i gcóir ime. Feircín fir é siúd go bhfuil rian a choda air: cruinn, teann, feólmhar. "Is fearr scríobadh na cré 'ná maol an fheircín" (seanfhocal) .i. is mó an tairbhe gheibhtear as churadóireacht ná as ba bainne do bheith ar an dtalamh.

feireadh: *f.1.* an chlais i stabhannaibh go dtéigheann faobhar tanaidhe tóna soithigh nó barraile isteach innte, faobhar aon áruis nó rotha: drom cnuic. Líonadh na ciotaidhe suas

go feireadh de dhigh chumhra: go faobhar. D'imthigh sé thar feireadh an chnuic as mo radharc de dhruim: thar mullach.

féirín: *f.4.* bronntanas, aisce, seóid chuimhnte, cimiar, ceasnaidhe, iarsma. Chidhim féirín bruighne ort, a Thaidhg, cé bhuail tu?: cómhartha troda. "Tá féirín lé n-a saoghal anois aice" .i. leanbh toghartha go dtréigeann a athair an mháthair. Aon fheabhas níl ag dul ar a chois, chómh bacach a's bhí riamh, tá féirín lé n-a shaoghal aige: ceasnaidhe: gearán ná scarfaidh. Thabharfainn féirín don té a thabharfadh féirín dom .i. "díol na maitheasa (nó an uilc) an cúiteamh": chúiteóchainn an rud a déanfí dhom nó liom. Cheannuigheas craolachán go daor, tagann an uile "shuidhe" san Eóraip in aonfheacht air, nách dóigh leat ná go bhfuil féirín agam?: ball iomaird, iarsma: ball síor-anacrach. Cá bhfuairis an féirín?: rud suaithinseach: c.i.g. pípín ná beadh ach oiread t'órdóige de cheann uirthe. Thug sí fáinne mar fhéirín do agus nasc air gan a chailleamhaint: mar sheóid chuimhnte. Féirínidhe Nodlag: bronntanaisidhe. Pé duine a thug an hata san duit, níl aon bhaoghal ná gur thug sé féirín duit (seanbhlas): rud gur fiú aire do thabhairt do nó cuimhneamh air.

feirm: (**fuirm**) *b.2. ₇ 5.* fearann, leirg churtha thalmhan nó i gcóir curadóireachta: leirg thalmhan ar aiste shaothruighthe agus féaraigh fálta, tigh, iothla, scioból etc. uirthe: aiste, cuma, crot. Dá mbeadh feirm thighearna Finn Trágha aige reicfeadh sé í: na talmhaintidhe fé n-a smacht: gabháltas. "Connus bhraithir?" – "i bhfeirm (?foirm) mhaith": slán, beó, beathadhach. I lár na hoidhche chonnaic sé amhailt i bhfeirm muice, a scannruigh an t-anam ann: i ndéanamh: i gcrot. Dein an bád sa bhfeirm cheart nó ní bheidh sí go maith: bíodh cuma cheart an bháid uirthe. Ins an bhfeirm chéadna i gcómhnaidhe dho gan atharrughadh: ar an aiste chéadna. Ar fhilleadh dhom do fuaireas gach nidh sa bhfeirm gur fhágas iad: san áit gcéadna, ar an gcuma gcéadna. Tá mo bhróga imthighthe as feirm lé caitheamh a's aois: an chuma chórach caillte aca. Bíodh gach aon rud i bhfeirm cheart sa tsiopa agat i slighe a's nuair theastóchaidh rud uait ná beidh agat ach do lámh do bhualadh air: ar oirear, órdughadh, in ionad.

feirmeóir: *f.3.* duine a shaothruigheas an talamh. Ní cnáimhseálaidhe go feirmeóir: is cuma dá fheabhas an aiste a bhíos ortha ní shásóchadh Éire iad.

feiste: *b.4.* coinnimh, iostas, aoidheacht, leapachas agus cóir bhídh: cóir, gléas, inneall, riar, órdughadh, gluais, culaithirt. Sí an long gan feiste í tréis na stoirmeach, a crainn 'sa slata briste, a seólta 'n-a ngéiridheachaibh: gan fearas. Tigh gan feiste is beag ag an ngaoith a fhuadach: gan daingniughadh. Cá bhfuil an rud is measa i dtigh 'ná bean gan feiste, béilidhe malla, salachar ar gach aon rud, éadaighe stracuighthe, etc.: gan chríochnughadh: ná bíonn riar agus crích ar a láimh. Ar shroichstint na cathrach dúinn bhí sí tuillte lé daoinibh i gcóir na rás, a's níor bh'fhéidir feiste do chur orainn in aon teach ósda, b'éigean dúinn codailt fén spéir: aoidheacht: cóir bhídh a's leapan. Táthar ag déanamh feiste cogaidh do Shasana san Oileán Úr, mar atá, eitealláin, piléir etc.: cóir chogaidh: armáil, úirlisidhe. A bhfuil d'earraidhibh sa tsiopa i bhfeiste mhaith: riartha, socruighthe 'n-a n-ionad cheart. Dá mbeinn d'iarraidh é do dhéanamh choidhche ní éireóchadh liom, deineann súd é gan aon duadh. Tá feiste éigin aige chuige: gluais: slighe chliste: cleas tric. In ainm Dé cuir feiste ort féin níos fearr 'ná san lé dul ameasc na ndaoine, caith dhíot na giobail: culaithirt éadaigh. Caithfeam feiste éigin do chur i

bhfeidhm seachas ár ngéaga do bheith ar sileadh linn má táimid chun teacht as an ndraip seo: gluais, beartughadh, tionnscnamh.

feisteamhail: *a.* críochnamhail, órduightheach, inneallta, seascair, soláthrach. Budh dheacair do shín díth ná dochair do dhéanamh don dtigh mar bhí sé ullamh ’n-a chóir go feisteamhail, maidir lé fallaidhibh láidre agus díon daingean: cosanta ó thalamh. Cailín feisteamhail in oifig í sin ná bíonn aon rud ar bóiléagar ’n-a diaidh ach gach aon rud go gasta, glan ’n-a ionad cheart aice: críochnamhail, comarach, cnuaisceamhnach. Gan amhras do bhí an Ghearmáin feisteamhail go maith i gcóir an chogaidh seo, sid í ag brath uirthe féin chun soláthair a cuid armála, ní hionann a’s a lucht cómhraic atá ag brath ar thíorthaibh coigcríocha: inneallta: gléasta. Taithnigheann a shlighe oibre liom cuireann sé roimis go feisteamhail, an tslighe láimhseálann na húirlisidhe agus a líomhthacht do bhaineann áis asta: órduightheach: comarach: gan dearmhad. Leabaidh fheisteamhail a dóthain don Uachtarán í seo, is aoibhinn luighe uirthe: seascair: compórdach. Bórd feisteamhail tar bárr fé bhiadh é: lán tsoláthair.

feisteamhlacht: *b.3.* críochnamhlacht, innealltacht, seascaireacht, soláthracht, órduightheacht. Lé feisteamhlacht na ndaoine bíonn gach aon rud i dtreó cheart aca, agus a ngnóth ’sa gcúram déanta go tráthamhail aca: críochnamhlacht: an feart chun gach ruda do bheith ar ceart, ar fheabhas, ar am aca. Níor rófhuraiste dóirse an chaisleáin do bhriseadh toisc feisteamhlacht a nglas agus a mbolltaidhe déanta d’iarann reamhar láidir: an mórfhearas: daingneacht. Dréir deallraimh ná fuil aon teóra le feisteamhlacht bád fé thuinn na Gearmáine ar an obair agus an seasamh atá dhá dhéanamh aca: an chuma chliste, dhaingean ’n-a bhfuil gach máille díobh. Feisteamhlacht na leapan, tocht breágh, éadaighe glana, budh bhun lé sáimhe mo chodlata: seascaireacht: an tslighe fhearastamhail ’n-a raibh sí gabhtha, gléasta. Thaithnigh feisteamhlacht an mhonchra leis an aire tionnscail agus mhol sé go mór an gléasraidh agus feidhm an lucht oibre: órduightheacht: feabhas eagair a bhí ar an áit. In áiteannaibh eile is beag roilleach a bhíos ag feirmeóiridhibh ar a gcuid toraidh, cuirid chun críche éigin gach earrasbarr: soláthracht: feabhas chun rud do chur chun áise.

feisteas: *f.1. 7 3.* oirear, riar, órdughadh, riaghladh, connlughadh, réidhteach, socrughadh, ceartughadh: culaithirt, inneall: cóiriughadh: cóir, ósdaidheacht. Is beag bualadh daoine ar an áit sa gheimhreadh níl baoghal oraibh feisteas d’fhagháil in aon tigh ósda ar an mbaile: déanamh nó cóir bhídh, dighe agus leapan. Cuir deallramh éigin feistis ar an gcisdin a’s ná bíodh sí tóin os cionn mar tá: cuir i dtreó í. Tigh gan feisteas dob eadh é, gach aon rud ag gabháil soir siar, budh mhó an caitheamh ná an tuilleamh a’s d’imthigh ar fóraoil: gan riar ná órdughadh. Dein saghas éigin feistis ar an oifig sara dtagaidh an ceann isteach agus go bhfeiceann clódh aindeis na háite déanfaidh sé sceanach: cóiriughadh, gastacht, rudaidhe do chur in eagar. Gheóbhair feisteas lae a’s oidhche annso, tá biadh a’s slighe againn duit: ósdaidheacht: soláthar gach díthe a’s éaghmaise. Is orainn ná raibh an díth feistis, fuaireamair gach aon rud a iarrfadh do bhéal siar síos: déanamh nó cóir. Ná feiceadh aonne do chuid éadaigh chómh breallach san ort, cuir feisteas ort féin: socrughadh. Dá mbeadh feisteas ceart ar an luing ní thairngeóchadh sí a hanncaire: greamughadh agus fearas.

feisteasach: *a.* deagh-inneallta, deagh-ghléasta, deagh-riaghalta, gasta, críochnamhail. Is maith feisteasach atá an obair sin dhá dhéanamh dréir a chéile gan locht gan mhoill: deaghriaghalta. D'fhear tábhachtach ní fheaca aonne riamh budh neamhfheisteasaighe 'ná é, droichéadach, lomra féasóige air: neamhghasta, neamhghléasta. Tá bád déanta aige a's gan ann ach tuata chómh feisteasach a's dá mbudh ceárdaidhe rianta a dhéanfadh í: an uile mháille dhi cúmtha agus curtha lé n-a chéile i gceart. Ósbuidéal feisteasach seadh é go bhfuil gach aon rud riachtanach dá nuadhacht agus dá fheabhas ann: deagh-inneallta. Is feisteasach an buachaill tighe a's áite é, níl aon ghlasradh búird ná meacan ná go mbíonn curtha aige: críochnamhail: dícheallach: soláthrach: tionnscalach.

feistighim: *b.a.* socruighim: cóirighim, réidhtighim, cuirim i dtreó, greamuighim, daingnighim, scartaim, ullamhuighim. D'fheistigheamair an bád ar leaba anncaire, le cloich mhóir thruim ag slabhradh mór-lúbach: ghreamuigheamair: chuireamair chun leaba anncaire í. Feisteóchad na dóirse ar chuma nách féidir le frathaidhe oidhche teacht isteach: daingneóchad iad – glais a's bolltaidhe ortha. Feistigh an leabaidh dom go raghad chun suain: socruigh na héadaighe urithe: cóirigh í. Fan bog anois go bhfeistighead an casán rómhat, tá sé ró-achrannach: go réidhtighead: go gcuiread i leathtaoibh na constaicidhe. D'fheistigh sé ó thalamh é féin i gculaith díon-uisce ón sín: chuir sé culaithirt cheart air féin. Feistightear gach aon rud san oifig sara bhfágaidh sibh: cuirtear i dtreó. Mara bhfeistighir do dhubhán go maith ní bheidh sé iascamhail: greamuighir ar an losna é. Feistigh an chos sa sciain, tá sí ar bogadh: daingnigh í. Ambáireach, feisteócham láthair an tighe sara gcuiream an fotha: scartfam: glanfam amach an áit. Feistigh an bidh dhúinn: ullamhuigh é.

feistiughadh: *f.* (*-tighthe*) cóiriughadh, ullamhughadh, slachtughadh, réidhtiughadh, daingniughadh, greamughadh, scartadh. Cuir feistiughadh ar an gcistin sara dtagaidh na daoine deóranta a's go bhfeicid gach aon rud soir siar ar a fuaid: cóiriughadh: slachtughadh: gach aon rud do bheith gasta glan 'n-a ionad cheart féin. An mbeidh aon fheistiughadh fén sráid ort ach mar sin id chuid oibre, salach, barcach, a's tú gan bearradh?: cóiriughadh éadaigh a's pearsan. Ag cur feistighthe ar throscán an tighe táimid chun aistrighthe isteach ambáireach: ghá chur i dtreó. Stiall an ghaoth i rith na hoidhche an doras 'n-a dhearg-oscailt a's sé sin feistiughadh cuireadh air: greamughadh: daingniughadh: ceangal. Ag feistiughadh na háite i gcóir féile na Nodlag: ag cur slachta agus deallramh gleóidhte niamhrach air. Scata daoine ar aoidheacht aca sa tigh ósda, a's bíd go gnóthach, faobhrach ag feistiughadh dhóibh: ag ullamhughadh bídh, leapachais etc. D'imthigh sé ag feistiughadh na nadhbhóige ar an gcalaidh ar eagla an ghála: ghá ceangal slán. Gárda na traenach ar a chroidhe díchill ag feistiughadh don lucht taisdil: ghá gcur chun suidhte. Faid bhíos ag déanamh feistighthe don bhfeille-bhitheamhnach i gcóir na hoidhche, bhí sé ag goid ar dalladh: ag socrughadh áite codlata dho. An-dhroich-fheistiughadh atá ar na bóithribh sa Ghaedhealtacht, ciseacha a's géaráin, bíonn gach aonne ag gearán ortha: droch-chlódh. Bíodh feistiughadh ionat pé áit dá ngeóbhair a's ná bíodh aon rud ar sileadh leat: bíodh cur chun cinn a's críochnughadh ionat, a's thar aon nidh, ná bí leadhbach. Is ar an mbeartán so atá an feistiughadh mara bhfuil córdaidhe, snaidhmeanna agus céir shéaluighthe air, ní lá fós é: ceangal daingean, doscaoilte. Deirtear lé duine i gcarcar – fanfaidh sé mar a bhfuil feistiughadh air: ceangal: greim: coimeád. D'aithnigheas air go raibh sé ghá fheistiughadh féin chun me do bhualadh: ag

dul i dtreó chuige. Nuair ná raibh cabhair a dhóthain gen bhfeirmeóir chuaidh a bharraidhe gan feistiughadh: leigheadar, cheal iad do bhaint a's do spealadh a's do shaothrughadh.

feistighthe: *a.r.* cóirighthe, socruighthe, réidhtighthe, inneallta, greamuighthe, daingnighthe, gasta. Bímís ag gluaiseacht, tá gach nidh feistighthe againn anois: curtha sa treó gur theastuigh uainn. An bhfuiltí feistighthe in aon tigh cóir i gcóir na hoidhche?: socruighthe fúibh. Siúinéir rianta é sin, is maith feistighthe na fuinneóga a's na dóirse iad san déanta aige, is fada ó bhaoghal iad, a's tá buancas ionta: déanta go ceárdamhail, daingean. Gan amhras is feistighthe an tigh é, an bhfeicir aon nidh in easnamh air? Gach aon rud maidir le troscán a's rothaidhe a's uile a iarrfá ann: gléasta thar barr. Seadh, an mbrathair go maith feistighthe anois go bhfuil biadh caithte agat a's éadach tirim ort?: curtha i dtreó sheascair. An bhfuil do chúram feistighthe ag an atúrnae dhuit, nó an gcaithfir dul chun dlighe?: socruighthe. Tóg as an slighe uaim na rudaidhe sin a's cuir in áit fheistighthe iad: áit chonnláisteach: áit chaothamhail. "Ceaca fear is fearr, dar leat?" – "an fear feistighthe thógfainn mar rogha roim an bhfear caol, árd": fuinnte, córach. Tá cheithre shaghas mianaigh sa chloich sin agus iad feistighthe cruaidh ar a chéile: dlúth, tiugh. Bhíomair feistighthe sa chúinne 'san chuid eile 'n-a seasamh: socair go seascair.

feistightheach: *a.* gasta, cruinn, baileach, ullamhuightheach, greamuightheach, innealltach. Níl aon rud is feistighthighe do chur ar rud leónta 'ná stráice maith: is fearr chun a bhaile. Arm feistightheach seadh tuagh mhaith chun adhmaid a's mar sin do ghearradh a's do scoltadh: oireamhnach. Bí feistightheach tímcheall do ghnótha a's ná faghadh aonne locht air: baileach: aireach. Cheangluighis an téad go feistightheach, choidhche ní scaoilfeadh sí: go daingean. An té go mbíonn blas ná dath air bíonn gach aonnidh tímcheall a thighe a's a ghnótha go feistightheach gan aon dul go n-imtheóchadh faic air: ar aiste mhaith. Dochtúir feistightheach é sin a ghníos a ghnóth go cúramach: aireach, gasta. An rugais leat gach rud a bhí uait go feistightheach, gan dearmhad do dhéanamh ar aonnidh?: go cruinn, baileach. Táimid feistightheach anois i gcóir tógála an tighe – clocha, mairtéal, slinn, adhmad, etc. againn: na gannaidhe go léir againn. Níl do bhróga feistightheach ort, droichiallacha atá ionta: greamuightheach ar do chosaibh.

feistightheacht: *b.3.* gastacht, innealltacht, greamuightheacht, córacht, daingneacht. Lé barr feistightheachta an duine chuir sé "ceangal lae a's bliadhna" ar an mála: le méid a dhúthrachta chun é bheith ó bhaoghal aige. Chuirfeadh feistightheacht a chuid oibre sásamh aigne ort féachaint uirthe: slachtmhaire: an tslighe niamhair a bhí gach rud críochnuighthe, curtha i dtreó. Feistightheacht an domhain uile nár mhór dhuit ar ghluaisteán ar bhóthar fhada: gach máille riachtanach i bhfearas cheart. Feistightheacht a's ní liobarnacht a theastuigheas uainn san oifig seo: gastacht: críochnughadh. Go dtí so ní raibh feistightheacht oraibh, anois is féidir libh tosnughadh: na nidhthe riachtanacha uaibh. Chuirfeadh feistightheacht na siopaidhe móra iongtas ort, na hearraidhe áilne a's iad chómh cóirighthe ionta: córacht: an chuma thaithneamhach deagh-órduighthe atá ortha. B'é feistightheacht a cuid éadaigh éad na mban go léir: an tslighe néata, thaithneamhach a ghléasann sí í féin. Beireadh an long mhór chun feistightheachta ar leaba anncaire: cuireadh fé ród.

féith: *b.2.* (*iol.* –eanna, -eacha) árus chun na fola duibhe d'iomchar chun an chroidhe, talamh bog go mbíonn uisce ann, tréith, claonadh inntine, iomas, an fhuil, guilm na fola: mianach inntleachta. Éireóchaidh go maith leis san árdscoil mar tá an fhéith (féith na scolaidheachta) ann: an dúthchas chun foghluma. Ní holc é an duan a's rócán, tá an fhéith ann: an mianach ó n-a shinnsear. "Tá an t-aos óg fiadhain, glan chun scléipe fé láthair, rinnce a's aoibhneas a's deaghéadach a's caitheamh aimsire a bhfuil dá thaidhbhreamh dóibh" – "féith na fola, a mhic ó": fiadhantas, aoirde lán, beirthe. Cailín fial fé bhiadh, tá an fhéith innte: féith (mianach) fola na féile. Shaoileas go séasóchadh sé níos sia 'ná seasamh, budh bheag an triail do thug sé uaidh, ní raibh an fhéith ann: an treise, an fuinneamh, an spreachadh. "De bhrigh go raibh do mhuineál 'n-a fhéith iarainn" (Isa. XXXXVIII. 4): lúthach: an phréach (ar nós an chórda) fhada bhán go ngaibheann corruighe an mhatáin trithe go dtí an cnámh. Thabharfadh san aon rud amach ó chroidhe dhuit, tá an fhéith bhog ann: meón fial. Méid, toirt a's tímcheall ag teacht i Séamas, ní hiongadh san tá féith na feóla ann: is dual do san ó n-a mhuinntir: an mianach. Bí aireach ar a bhfuil d'allus dhá chur agat tá t'fhéitheanna ar leathadh a's thógfá fuacht go tapaidh: piocháin an chneasa ar dearg-leathadh. "Dá mb'eól dom cá bhfuil do chuid fola ionam ghearrfainn amach an fhéith sin", deirtear san lé mí-mheas. Fear go mbíonn féith bhán ann: éileamh colnach, drúiseamhail, colnaidhe. Chuadhas ar lár i bhféith síos go puill m'oscal agus b'éigean téad chun me do tharrac: bogach a chritheas a's go n-imtheófá thríd síos. Is luath 'n-a shaoghal do cheileabhair sé toisc an droichfhéith do bheith ann: éasc: úidh: mianach na drochshláinte. Féach go mbíonn féitheanna san nduilleóig féin: easnaidheacha, síogaidhe, sreangáin.

féithchiúin: *a.* an-chiúin, lag-ghlórach, ós íseal. Labhair go féithchiúin liom, "bíonn cluas ar an gcoill": ós íseal ar eagla go gcloistí. Is beag a shaoilfeadh aonne go n-éireóchadh gaoth mhór, bhí tosach na hoidhche chómh marbh, féithchiúin sin: gan glór ar muir ná ar tír ag gaoith. Pudhair mhór dob eadh an marbh, bhí gach aonne chómh féithchiúin ar an dtórramh ná raibh smiog as: 'n-a dtost, socair, gan chorruighe.

féithchiúine: *f.4.* calm, tost, mórchiúnas. An fharraige 'n-a clár lé féithchiúine: calm: ciúnas chómh mór san gan cor aiste. Chuirfeadh féithchiúine an ghleanna i lár na hoidhche aiteas ort, gan cor ná glór as aonnidh: tost: báintéir: suaimhneas. Ar ghabháil na cathrach dos na saighdiúiridhibh ní raibh gáirdeachas dóibh ges na daoinibh ach doicheall agus féithchiúine: gach n-aon n-a thost lé gráin a dteachta.

féithchrapadh: *f.* (*-ptha*) crampa, gúta, freanga. Ní fhéadfadh sé an mhéar do shíneadh slán mo chómhartha le féithchrapadh ó gearradh í: ciorrbhadh féithe. An bhfeacaís riamh an féithchrapadh a bhíos ar ghirrfhiadh bhocht nuair bhíonn dhá mharbhadh ge coin: an seargadh le pian.

féitheach: *a.* préamhach, lúthach, matánach: mianach fearta ann: láidir-lúbach: bog. Talamh féitheach ná féadfí faic do chur ann lé n-a buige: bog, uisceamhail. Balcaire d'fhear féitheach go raibh neart capaill ann: matánach: préamhacha righne 'n-a ghéagaibh. An muineál féitheach atá air: préamhacha righne, láidre, reamhra. Buachaill féitheach a bhuadhadh gach scrúdughadh gan duadh: go raibh feart an léighinn ann. Feóil fhéitheach ná stracfadh fiacla madra as a chéile í: lán de phréamhachaibh righne, bána.

feitheamh: *f.1.* faire a's aire: fanamhaint, fanacht, cleitheamhnas, friothálamh. Bheadh fuar agam bheith ag feitheamh leat, duine nár chorruigh a chos chun teacht: ag fanacht. Ag feitheamh lé duine éigin a thabharfadh fóirthint air: ag tnúth lé: ag brath. Thug an duine uasal síntiús maith do gach giolla a bhíodh ag feitheamh air: ag friotháilt. Níor mhaith liom faic do rádh, bhíos ag feitheamh go n-osclóchadh duine éigin a bhéal: ag fanacht fada. An feitheamh fada a bhí agam lém chuid a bhí ag gabháil tríom ag súil leis gach lá a's díombáidh dhá chur orm: ag brath go dóchasach ó ló go ló. "An uair do bhíos ag feitheamh leis an solas annsan do tháinig doircheadas" (Iób XXX. 26). "Dein feitheamh foighdeach" (Sailm XXXVII. 7). Chonnac 'n-a sheasamh ar an árdán é ag feitheamh theacht na traenach: cómhnaidhe air ann go dtagadh an traen isteach. Ag feitheamh an bháis anois dom: ag súil aon lá lé n-a theacht. Ag feitheamh an lae trí fhaid na hoidhche geimhridh: ag fanacht leis go neamhfhoidhneach. "Ní fada ná go mbeidh sé chugainn anois" – "bí ag feitheamh leis": cuirfear díombáidh ort 'n-a thaobh. "Bheadh feitheamh fada ar chosaibh laga agam leat-sa" .i. thuitfinn as mo sheasamh sara dtagthá. "Is fada lé fear fionnraighe feitheamh" (seanfhocal): an té a bhíos ag faire i bhfad gaibheann sé tríd. "Sé an feitheamh fada é ó Luan go Satharn" (rádh) .i. nuair bhíonn súil lé rud i bhfad a's ná bíonn ag teacht.

feitheamhanta: *a. n-dh.* ag súil le, ag brath ar, fuilngtheach, faidtheadhlach. Nuair chonnaic sé ag imtheacht as a radharc í agus é deimhnightheach ná feicfeadh go bráth airís í chaith sé súil fheitheamhanta 'n-a diaidh: súil go raibh cion innte. Bean fheitheamhanta seadh í, ní bheadh aon mhilleán aice orm bheith ag fanacht chómh fada: fuilngtheach: foidhneach. Tabharfair eaga díolta mo chuid fiach dhom, iasachtaidhe feitheamhanta seadh thu: faidtheadhlach: foidhneach. Duine feitheamhanta thusa ach go háirighthe, ag súil an uile lá lé rud éigin do theacht treasna ort chun do mhaitheasa a's gan é ag teacht: faidtheadhlach, dóchaiseach.

feitheamhantas: *f.1.* fanacht, moill, foidhne, fulang, faidtheadhlacht, fonn. Budh mhór an feitheamhantas do bhí orm lé n-a theacht nár thuit néal codlata orm le himhshníomh an oidhche roim ré: an dúil go dtiocfadh. Lé fiche bliadhain as a leabaidh anois di gan éirighe nách feitheamhantas é: fulang: bruic le ceasnaidhe. Deir Stailín gur b'é a thoisc fuascailt do thabhairt ar fheitheamhantas an lucht oibre ar fuaid an domhain atá fé chómhacht an lucht airgid: fadfhulang. Seadh, mhuis, dá mhéid do cuireadh air, dar fiadh, budh mhór an feitheamhantas aige gan éirghe ó thalamh: foidhne: faidtheadhlacht. Táim ag féachaint id stad annsan ort lé tamall maith, cad é an feitheamhantas atá ort ná fuilir ag gluaiseacht?: an mhoill: moilliughadh.

feiteán: *f.1.* an úirlis go mbíonn an dlúth a caithtear fén inneach i bhfigheadóireacht. "Caitheadh feiteán fúithe": creapadh í: cuireadh ó chrích í: cealgadh í.

féitheannach: *a.* féitheanna do bheith ann: láidir: préamhach. An muineál féitheannach atá air d'aithneófá go bhfuil neart tairbh ann: préamhacha láidre bheith san bhfeóil. Géaga féitheannacha, láidre. An drom féitheannach atá air, etc.

feitheóir: *f.3.* fairitheóir, fantóir: duine ceapuighthe ag tiomnaightheóir chun a udhachta do chur i bhfeidhm: saoiste: oighre. "Feitheóir ar a thuilleamh seadh thú" (rádh): is féidir leat a dtuillir do chaitheamh: caithteóir. Cheap sé 'n-a udhacht an t-atúrnae mar fheitheóir ar a mhaoin shaoghalta go dtiocfadh a mhac d'aois: maor chun a fartha agus a riartha dréir choingheall na hudhachta. An bhfuil aon náire ort bheith 'om choimeád annso im fheitheóir ag fanacht leat thar na tráthannaibh?: duine ag fanamhaint go míofhoidhneach. Ceapadh mar fheitheóir ar an scrúdughadh é: duine a bhíos ag faire go mbíonn riar ceart air a's ná deintear feall ná éagcóir. Seadh beidh sé de shásamh agat nách gábhadh dhuit aon fheitheóir ar do chuid airgid, mar ná beidh an t-airgead agat: oighre: fear na hudhachta.

feithid: *b.2.* créatúir sciathánach: míoltóg, nathair: táir-ainm do dhuine. Meas feithide atá agam-sa air sin, agus ar a chuid cainnte .i. go luighfinn mo chos air mar dhéanfainn ar chuil nó ar chiaróig. Feithididhe an bháin: beódhanna sciathánacha agus ainmhidhthe, go mórmhór mion-ainmhidhthe. Feithid ghonta seadh an diabhailín beiche sin, dá gcuireadh sí a cealg ionat: ainmhidhe. Feithididhe diabhail na corrmhíola so, isteach id chluasaibh leó, féd chuid gruaige, a's féd chuid éadaigh 'od chiapadh lé tochas. Feithididhe fiadhaine na coille: ainmhidhthe mar an leómhan, an trod etc.

féithighim: *b.a. 7 n-a.* ciúnuighim, socruighim, maoluighim. D'fhéithigh an stoirm an oiread san a's gur bh'fhéidir linn an t-oileán (mara rabhamair lé coighcíos síontheanntuighthe) d'fhágaint: chiúnuigh an ghaoth a's laguigh an fharraige. Tháinig fonn feirge orm chuige ach d'fhéithigheas lé truagh dho, a's níor chuireas cor de ghéig ná de theangain: chiúnuigheas, mhaoluigheas. Féithigh!: fóill ar do theangain.

feithim: *b. n-a.* friotháil, fan. Feithibh ar na fearaibh sin ar an dtoirt, táid ag fanacht annsan leat le ní fios cathain: friotháil ortha: tabhairt dot aire cad atá uatha. Feithim leis gach lá a's sinn ag dul chun oibre: fanaim leis. Feithibh go dtagann an oidhche: an rud atá ar t'aigne ná dein go dtí san [níor airigheas riamh an focal ach ar na trí cumadhaibh seo].

féithleóg: *b.2.* sreang a ritheas tríd an bhfeóil: préach: "fearsad". An diabhal féin ní stracfadh an fheóil sin as a chéile, féithleóga ar fad seadh í: sreanganna bána rórighne. Dubh-obair air a stracfadh féithleóga croidhe aon fhir: préacha a's sreanganna. D'éirigh na féithleóga 'n-a gcoilgsheasamh trí n-a chneas lé rabharta feirge: na snáithínidhe, préacha, síogaidhe bána righne a ritheas trí fheóil an chuirp. Is cuma cá hobair do cuirfear air seo, beag a bheann aige urithe tá féithleóga achmuinne ann: "fearsada": sreanganna righne, snáthacha míne na sians a's na gluaiseachta a shearas ón inchinn a's ón gcnámh droma ar n-a riar i smusaigh uile thiughas an chuirp nách mór: is iad préamhbhall an nirt iad: lúthacha.

féithleógach: *a.* lúthach, righin-láidir. Géaga féithleógacha aige go bhfuil teacht abhaile ionta: géaga neartmhara de bharr na bpréach righin atá scaipighthe fútha.

feithmheach: *a.* aireach, fairtheach, cúramach, foidhneach, faidtheadhlach. Go dtí an lá atá indiugh níor thuigeas an fáth go mbíteá chómh feithmheach air, dheinteá gach rud a bhíodh uaidh do, an lé meas nó eagla é?: friothálach, cúramach. Beann madra níl agam ar

a mhéid a theilgfear im choinnibh, tá cabhair fheithmheach agam-sa a chosnóchaidh me: friothálach, ar mo chur agam. Budh dhóigh leat ar na feighlidhthibh mara so againn, táid chómh feithmheach san, gur namhaid éigin a bhí ar tí teacht i dtír orainn: dian-fhairitheach. Bí feithmheach ar gach cor dá dtugair san gcathair iasachtaigh sin do dhuine gan taithighe a's eólas ní fios cá mbíonn an baoghal i bhfolach: aireach, cúramach. Duine feithmheach seadh me agus ar an adhbhar san leigfead thar mo chluasaibh do bhréithre tarcuisneacha: foidhneach, faidtheadhlach: broiceach.

feithiúir: (**feithmheóir**) *f.3.* riarthóir, feidhmidhe udhachta: feicheamhan. Cé fágadh mar fheithiúiridhibh ar an udhacht? tá súil agam ná leigfidh aonnidh atá ag teacht chugham ar mí-riar: riarthóir: feidhmidhe caithte maoine na hudhachta. Connus bheadh aon airgead mór aige a's a leabhartha lán d'fheithiúiridhibh daoine go bhfuil earraidhe nó airgead aige amuigh ortha. Léan air! ná tairng chugham an staga, ní feithiúir ná iasachtaidhe é: níor thug a's níor iarr cáirde riamh.

feóchadán: *f.1.* plannda go mbíonn billeóga deilgneacha air agus bláth chorcra. Is iomdha saghas de ann. Ní mór é do mhisneach chuirfeadh feóchadán eagla ort: duine faiteach seadh thu.

feochair: *b.5.* in áiteannaibh in ionad "eochair".

feógh: *f.* (*feóighte*) seargadh, dreógh, críonnadh, meath, anaiste, meathalughadh, leaghadh. An féar ag feógh leis an bhfáscadh fada triomaigh seo: ní bhuailfeadh ainmhidhe béal air: an sughlach ag imtheacht as: ag seargadh. Tá an fóghmhar thart anois a's beidh gach fás ag feógh go hEarrach airís: ag críonnadh. Bhíos tamall dem shaoghal a's is beag do shaoileas go dtiocfadh an feógh ar mo neart, ná féadfainn siubhal: an meath: an dul ar gcúl. Fágtar na cnocáin chátha ag feógh go ndeineann aoileach díobh: ag lobhadh. Gan aon fheabhas ar a shláinte ach ag feógh léi ó ló go ló: ag dul chun deireadh: ag meath, ag cnaoi: ag dul i léig: an searg-ghalar uirthe. Lé feógh an cheóidh den bhfarraige chonnacamair na hoileáin go soiléir den gcéad uair: leaghadh. "Tá sé ag feógh a's ag codladh a dhóthain": ag dreóghadh sa chré.

feóghaim: *b.a. ₇ n-a.* seargaim, críonnaim, meathaim: leaghaim. Feóghfair do loirgne leis an dteine, tá an oiread san cheana agat uirthe: barr-dhóghfair. Ní tirim atá an féar so ach feóighte: dath ruadh tagaithe air agus an sughlach imthighthe as. Feóghfaidh an ghrian an síol mara gclúduightear é: ruadhfaidh a's imtheóchaidh gan mhaith. D'fheóigh an uile rud leis an spalladh triomaigh úd: tháinig dath ruadh air. Feóghfaidh sé lé brón croidhe: seargóchaidh sé: imtheóchaidh an fhuil as a's a dhath dhe. Feóghfaidh na bláthanna gan taisireacht: meathfaid: stadfaid d'fhás. D'fheóigh dath an hata: d'imthigh de.

feóighte: *a.r.* seargtha, críonnta, meathta, leachta, lobhtha. Nách tapaidh atá dath do chasóige feóighte, bhíodh sí gorm, liath atá sí anois: meathta. Aduigh teine leis na préachaibh feóighte sin: atá tirim, cruaidh de dheascaibh an tsughlaigh do shileadh asta. Na cnámha feóighte fúm anois a's an lúth imthighthe: an smior a's an fuinneamh tréigthe. Connus fhásfadh an síol feóighte, a Rí na Glóire: súighte. Táim feóighte, dreóighte, sin mar tá agam: seargtha, caithte.

feóighteach: *f.1.* duine seirgthe, aosta. An dá dhiabhal (déag) go mbeiridh uaim é an feóighteach go mbeadh fonn pósta air a's gan siubhal na slighe ann!: caithte, tugtha, críon. Feóighteach gan teas ag dul anuas (síos) ar an dteine: seanduine bocht, críon go mbíonn an t-éag 'n-a chroidhe.

feóighteacht: *b.3.* seargacht, tréigtheacht, meathtacht. Chuaidh díom a aithneamhaint lé n-a fheóighteacht ar chlóbhar nó seamróg é: meathtacht an datha agus a sheargacht. Lé neart na gréine agus méid an teasa tagann feóighteacht ar chroiceann na ndaoine ann: imthigheann an dath nádúrdha de. Tháinig feóighteacht ar an bhféar toisc an iomad sratha do thabhairt do agus d'fhág san é gan bheith chómh so-dhíolta lé féar ná faghadh oiread gréine: chruadhaidh sé breis, agus tháinig dath ruadh air. Toisc feóighteacht na gcipínidhe a's an bhrosna do bhailigheamair budh ghearr an mhoill orainn teine d'adughadh: an taisireacht tráighte asta.

feóil: *b.3.* an chuid bhog mhatánach de chorp an ainmhidhe nách cosamhail leis an gcuid chnámhach as na lachta: biadh ó ainmhidhe nách ionann a's ó ghlasraidh. "Is minic beireann na cleithidhe an fheóil leó" (seanfhocal) .i. éan go mbeadh mórchuid chleithidhe air thaidhbhseóchadh mór agus dá bharr san tuigfí go mbeadh breis feóla air nó é do bheith níos beathuighthe 'ná mar bhíonn. Cad fáth ná beadh cion agam air – nách é mo chuid fola agus feóla féin é: d'aon treibh seadh sinn: gaolta. Ní feóil í seo ach feóil chapaill: feóil rórighin, dhobhlasta. "Sin cnámh agat a's cuir féin feóil air" (seanfhocal) .i. nuair caithtear cnamh lom chun madra nó nuair tugtar rud neamhthairbheach do dhuine agus leigeant do bheith ag bruic leis. Aithis bheag mhná ná bíonn aon lag ar a teangain ach ag itheadh na feóla fuaire ar a mnáibh cómharsan: ag suainseán 'sag tromaidheacht ortha: cúlchainnt neamhcheart. An ceann feóla atá ar an mbarránach: é deaghchothuighthe, deaghbheathach. "Aoine an Chéasta is mór an céasadh bainne d'ól a's Domhnach Cásca is mór an náire bheith gan feóil" (rádh coitcheann). Brathaim an fuacht "idir fheóil a's leathar" agam: creathaidhe fuachta. Chuaidh an dealg idir fheóil a's leathar agam: tríd an gcroiceann go hiomlán. "Ní hí an fheóil amháin an uile fheóil, acht tá feóil ar leithrigh ag daoinibh, agus feóil ar leithrigh ag ainmhidhthibh agus feóil ar leithrigh ag iascaibh is feóil ar leithrigh ag éanlaithibh" (Cor. I. XV. 39). "Do bheir arán don uile fheóil óir mairfidh a thrócaire choidhche" (Sailm CXXXVI. 25). "Déanfam agus reicfeam leis na hIsméaltachaibh é agus ná baineadh ár lámha leis, óir is é ár ndearbhbhráthair agus ár bhfeóil é" (Gen. XXXVII. 27). "Dréir na feóla bheirthi-se breith; ní bheirim-se breith ar aonne" (Eón VIII. 15). B'fhearr liom tairt-fheóil an róin 'ná an fheóil bhán: an chuid dhubh fén gcroiceann. Tháinig an dochtúir lé n-a lannsa agus ghearraidh sé an tairt-fheóil den gcneadh: an fheóil mharbh gan fuil. Táir ag tuiteam chun feóla lé déidheannaighe: ag dul i mbeathuightheacht. "An té ná bíonn an fheóil aige is mór an seódh leis an t-anbhruith" (seanfhocal) .i. an té ná bíonn ar a chumas rogha do bheith aige is leór leis an rud is fearr is féidir leis 'n-a ionad. Tá an fheóil 'n-a spóla ar a chois: atuighthe, dearg, leóchaileach. Cheannuigh sé spóla mór ar phúnt: geannc mhór: ceathramha chaorach nó a lithéid. Rud ná réightigheann leis méith-fheóil: feóil bhog, shaille. Beir it mhart lé feóil mara laguighir ar an mbiadh: reamhar, beathuighthe, trom, aindeis. "Ní biadh bainne a's ní bainne bláthach a's ní feóil putóga mara ndéanfaidís sásamh" (seanrádh): níl fuil ná feóil ann: lom, caithte, tugtha.

feóirling: *b.2.* an ceathramha cuid de phingin: an bonn is lugha sa ríoghacht. Oiread agus luach feóirlinge níor fhág an báillidhe agam: chreachadar, scriosadar me. Ní thabharfainn feóirling ort nár labhair leis, bhí cao cheart agat ar é do chur 'n-a éisteacht: ní mór é mo mheas ort 'n-a thaobh. Chuirfeadh trí feóirlingidhe d'fhiachaibh orm do phlaosc do bhriseadh: "ar bhiorán bhuidhe" bhrisfinn é: "ar fíge fiodha" bhrisfinn é. Níl faic agam-sa, a dhuine, oiread agus feóirling mo bhearrtha: lomtha, dealbh. Ní chuirfinn feóirling síos asat: ní bheadh aon mhuinghin agam asat. Feóirling ruadh ní fiú aon leabhar aca san, níl blas ná dath ortha: faic in ao'chor. Tá pinginidhe aige is dócha liom, níl ná feóirlingidhe, mhuis: bocht, dealbh.

feólbhach: *f.1.* feóil (mharbh) ainmhidhe lé n-itheadh, bróin d'fheóil amh; conablach, éagbhroth. Tháinig an oiread san feirge air chugham go raibh gach aon léim as a chorp aige, gur shaoileas go stracfadh as a chéile me a's go ndéanfadh feólbhach díom: go marbhóchadh scun scan me. Ar mh'anam go bhfuil feólbhach ar crochadh gen mbrothaire seo: go leór ainmhidhthe marbha. Éan feólbhaigh seadh an fiolar: itheann sé feóil. Budh dh'fhóbair dóibh siúd feólbhach do dhéanamh, ar an dtuargaint a's ar an mbualadh thugadar dá chéile: ár. Mar ar mhairbh sé ar fad an cat, rinne sé feólbhach air: 'n-a bhróin laitighthe: dhein athchumadh air. Marbhuigheadh idir an dá líne iad a's gan aonne i mbun dul 'n-a ngoire go ndearnadh feólbhach díobh: cuirp dhreóidhte.

feólmhar: *a.* beathuighthe, cothuighthe, reamhar, bláthasmhar, mágach. Talamh na n-ainmhidhthe feólmhara an Mhidhe Mhéith: beathuigthe. Más tigh feólmhar aon tigh is é tigh an bhrothaire é: fé mhórchuid feóla. Beitheadhach feólmhar a raghadh airgead maith: reamhar.

feóra: *b.5.* faobhar gainmhe farraige, scéimh abhann, locha nó mara: lanntán glas-uaithne. "Is aoibhinn feóra Locha Léin/ is aoibhinn faithche Acadh Deó le gréin" (amhrán): ciumhais. Cómhnuighim ar an bhfeórainn: baile ar bhruach íseal na mara. Tá feóra ghlas ar thaobh an tsléibhe a's sínfeam uirthe: lanntán réidh, glas.

feósach: *a.* aosta (a dhóthain), tighearnamhail. Feósach a dhóthain atá sé, má tá aon mhaith eile ann: chómh haosta san go bhfuil deireadh fáis aige. Feósach go maith do chuir sé chun a dhéanta: chómh teann, clóchaiseach, tighearnamhail a's b'fhéidir leis é.

feósaidhe: *a. n-dh.* lom, cruaidh, féitheach. "An fear mór, téagartha é?" – "ní headh ach fear feósaidhe": lom, cruaidh. Feósaidhe go maith atá sé dá aois: féitheach, folláin. Ar mh'anam go bhfuilir go feósaidhe fós, bail ort: cruaidh, fuinneamhail.

feóthan: *f.1.* cóch, leóithne chómhshnámhach, teann. Árduigh an seól, béarfaidh an feóthan i dtír sinn gan aon mhaide (rámha) do chur uirthe: gaoth éadtrom. An iomad seóil uirthe gur luigh sí fén bhfeóthan: leóithne róláidir di. Tá feóthan ann: gaoth theann mar bheadh tosach gála. Ní bhéarfaidh aon fheóthan ar an dtigh seo: tigh foithineamhail. Is fada ó fheóthan tu annsan cois teine: táir go seascair. "Sin é an feóthan agat", deirtear nuair thagann cóch obann a bhaineas fuaim amach. Chas an cam-fheóthan mórdtímcheall me ar nós na ceaisile: gaoth obann "shalach", ghuairneánach: sidhe gaoithe. Feóthain

gheala go tiugh ann: treidhislidhe obanna gaoithe a thógas farraige cháithteach. Nách dubh an feóthan atá ann indiugh, d'fheanfadh sé cat: gaoth chruaidh, ghéar, theann.

feóthanach: *a.* gaothmhar, leóithneach, teann. Oidhche fheóthanach, tamall lag aice, a's tamall láidir. Raghad ar an bhFeóthanaigh ambáireach: baile (? gaothmhar) cois farraige.

fiabhras: *f.1.* éagcruas, galar gur b'iad a leanas é, cuisle mhear, beirbhthean, mairbhitighe agus tart. Fiabhras aerach a thagas ar mhnáibh 'n-a luighe seóil: éadtruime incheann. Fiabhras creathach: go mbíonn na baill ar crith a's gan aon chómhacht ag an nduine ortha. D'ith an t-amplóir biadh nár réidhtigh leis a's tháinig fiabhras goile air: masmus trom bídh. Fiabhras breac, fiabhras dearg etc. Chuirfeadh sé fiabhras ort bheith ag éisteacht leis an saghas cainnte a bhíos aige ar an gcogadh: bheifeá breóidhte uaidh. An-bhreóidhte dho airéir, bhí boirrche fiabhrais air: breoidhteacht an-árd ar fad. Fan uaidh, fiabhras atá air: aicíd thógálach.

fiabhrasach: *a.* fé fhiabhras, ainteasach. Ní fheadar cad tá air ach tá galar éigin fiabhrasach air, féach a lastacht a's tá a aghaidh, 'sa chuisle ar deargruathar: ainteasach. Is fiabhrasaighe indiugh go mór é, budh shocra indé é: is breóidhtighe a's is beirbhthe.

fiach: *f.3.* rud a dhligheas duine mar airgead, earraidhe, fóghnamh nó comaoin do dhuine eile: dualgas, luach, an tsuim a tugtar ar aon rud do ceannuightear. Beidh sé d'fhiachaibh orm dul 'on chúirt mar táim seirbheálta mar fhíné: de dhualgas orm: caithfead, d'iachall. Mara stadfá ded gheámaidhibh b'fhéidir go gcuirfinn-se d'fhiachaibh ort: iachall éigean. Cé chuirfeadh a fhiacha orm? ní tusa é, mar ná fuilir ábalta air: an t-iachall orm: chuirfeadh a dhéanamh dem aindeóin orm. Púnt fiacha na mbróg, ach ní hé a luach é mar nách fiú san iad ná a leath: púnt a gcostas: an cómh airgid do hiarraidh ortha. Ní fiacha atá orm in ao'chor ach me ithte lé (ag) fiachaibh: dualgas trom orm a dlighthear díom d'íoc. "Tagann an cáirde a's ní maithtear na fiacha" (seanfhocal): tagann an sprioclá is caithtear íoc: níl dul as ag aonne. "Táim in iarraga, in iarraga/ táim in iarraga i dtigh an óil/ táim in iarraga, in iarraga/ a's m'fhiacha ní díolfad go deó" (amhrán). "Díolann fiach fiach eile" (seanfhocal) .i. fiacha do bheith agat-sa ar dhuine ní haon tsásamh duitse fiacha do bheith ag eisean ar an dtríomhadh duine. Ní fiacha a díolfí lé cáirde ó dhuine eile: ní scriosadh ar an ndualgas íoctha é. Ní fhanann fiacha le cáirde: dá fhaid a théighid gan díol caithtear a dhéanamh. "Ceannuigh an tigh seo" – "níl a fhiacha agam": a chómh in airgead. Tá fiacha agus dolaidhe orm: dualgas díolta as earraidhe do thógas ar cáirde agus sraitheanna buailte orm gen lucht ceannais. "Is fearr seanfhiacha 'ná seanfhalaidhe" (seanrádh): is fusa fiacha d'íoc 'ná drochaigne. D'iadhaidh sé ar a fhiacha: dhiúltuigh sé an dualgas dleaghthach d'íoc. Deich scillinge thugas mar fhiacha aifrinn don sagart: dualgas nó táille. Cad é fiacha na mbróg? costas: an méid atá lé díol asta.

fiach: *f.1.* bran, dómhnall dubh, fiach mara .i. an chorróg mhara, agus is iad so na saighiseanna – an seaga, néal uaithne ann, an fiach féin, dubh ar fad agus níos mó i dtoirt, an bradhal níos mó fós, ball beag bán 'n-a bhrollach agus fé n-a sciathánaibh, agus an lóma i bhfad níos mó ná ceachtar díobh. Téigheann fé loch ar nós an fhiaigh mhara: lachann sé chómh niamhair sin. Ar nós an fhiaigh mhara chun farraige atá sé: neamheaglach. Bád nó aon árus eile mara go mbíonn siubhal mór fúithe deirtear 'n-a

taobh, sáidheann sí fé amach ar nós an fhiaigh mhara .i. gan éirghe in aon tonn ach brughadh thríd. Chonnac "an fiach mara" 'n-a phóca (béarlagar) .i. buidéal go mbeadh a scrogall ar teasbánadh. "Is geal leis an bhfiach dubh a gheárrcach féin" (seanfhocal) .i. níl aon athair ná máthair ná gur b'ionmhain leó a nduine clainne. An-dhubh, néal bhreágh ghorm ann: toirt coiligh tighe, fadshaoghalach, an-chlaon lé gadaidheacht a's grág shoiléir láidir aige. Toisc a dhatha, a bholadh bréan, a's a ghrág dhoilbhir budh éan drochthuair ges na seandaoinibh é.

fiachach: *a.* ar dháil a bheith i bhfiachaibh. Duine chómh fiachach liom-sa, ní fhéadfaidh a cheann do thógaint choidhche: go bhfuil an oiread airgid air. Nílim fiachach agat-sa: níl aon dualgas agat orm: táim neamhspleádhach ort.

fiachach: *f.1.* duine go mbeadh fiacha air. Tá súil lé Dia agam ná faghad bás im fhiachach ag neach ach ag Dia na Glóire: ná beidh aon dualgas ag dul d'aonne uaim.

fiacailte: *a.r.* manntach, searrtha, eagach, gágach. Carraigeacha móra géara, fiacailte ná féadfá siubhal ortha, bior ar gach aon órdlach díobh: iad éirighthe géar in áit agus clais in áit eile. Úirlis fiacailte seadh tuireasc: beárnaidheacha nó eagaidhe agus stodaidhe bioranta gach re seal ó chéile. Bíonn duilleóga crann fiacailte: an ciumhais eagach ortha.

fiacal: *b.2.* cnámh beag, cruaidh cruiceógach (an chuid is mó), ceangailte sa chorrán chun geárrtha, stractha, coganta a's meilte, aon rud i bhfeirm fiacaile, mar bheadh rinn thalmhan amach sa bhfarraige, ciumhais portaigh, gleanna, etc. Ná bíodh braon fén bhfiacal agat, mar ná réidhtigheann sé leat: adhbhar de dhigh mhearbhaill a chorróchadh duine. Ní bhfuaireas oiread a's chuirfinn fém fhiacal: beagán an-bheag. Raghad-sa isteach d'aindeóin t'fhiacal: d'aindeóin do chroidhe dhíchill. Dá gcaitheadh sé a fhiacla leis, b'é an dá mhara chéile dho é, ní bhainfeadh sé bogadh ná sáthadh as: a shaoghal ar fad: an méid aimsire budh mhian leis. Tá m'fhiacla caithte agam d'iarraidh é do mhúineadh, an ceann cipín, a's tá sé chómh dall lé circ ar aonnidh: tá mo chroidhe díchill déanta agam. "Níor bhris focal maith fiacal riamh" (seanfhocal): ní díoghbháil d'aonne an focal maith do bheith 'n-a bhéal i gcómhnaidhe. Dubhart suas lé n-a fiaclaibh aige é, ní laistiar do chuadhas ghá rádh: ós a chómhair amach. Is deacair é do thuigsint, labhrann sé fé n-a fhiaclaibh: ós íseal. Ní bhainfidh sé fiacal asat é do rádh: ní ghoirteóchaidh sé thu. Níor chuir sé aon fhiacal ann, dubhairt sé go mbeadh t'anam air, pé cúis atá aige ort: labhair sé chómh teann agus b'fhéidir. Ní chuireann sí aon fhiacal ann (n-a cuid cainnte) .i. tugann sí mionna móra gan srian. Ag siubhal ar fhiacail na faille dho gur stroill a chos uaidh, agus síos leis: ar an gcumhais amuigh ar fad. Ag píceáil mhóna ar fhiacail an phortaigh: ciumhais, foir-imeall. Bhí a chúilfhiacla (na fiacla is sia siar) tagtha go maith dho in am agus gur phós sé: sean go leór. Cailín go bhfuil stairfhiacla fada aice: fiacla tosaigh. Thuit sé a's é ag siubhal amach ar fhiacail na carraige: rinn chaol a bhí aiste amach. An oidhche a cualathas in oifig Chogaidh Shasana gur súngcáladh trí báid fé thuinn léi in aon ló do bhí giascán fiacal ann: na fiacla ag scríobadh go glórach dá chéile lé fearg. Giascán fiacal air le buile (tinneas) go gcloisfeá uait é: scríobadh glórach agus meilt. Cír fhiacal 'n-a dranndal chómh breágh a's bhí ag duine riamh: an tsraith go léir. Má ghaibheann súd a fhiacla ionat ní scaoilfidh uaidh thu: greim daingean ar aon chuma. Boladh chómh cumhra san uaidh agus cuma chómh milis sin go mbainfeadh sé uisce ó t'fhiaclaibh lé

dúil ann: go rithfeadh taisireacht dúlach leo. “Tá orm tinneas fiacail a’s diachair innte” (rádh). Ní leagfadh sé fiacal ar an mbiadh: ní bhainfeadh leis. Budh bheag é m’fhoghail-se ar an bhfeóil, níor bhaineas lán fiacaile aiste: oiread a’s ghearrfadh fiacal d’aon iarracht. Cuir faobhar ar t’fhiaclaibh chuige: cuma ort féin go bhfuilir i ndáiríribh. Tá sé an-bhreóidhte, an leanbh, tá confadh fiacal air: na fiacla ag teacht do. Briseadh fiacal sa raca féir: bior fada adhmaid (iarainn). Léan it fhiaclaibh, maran tú an rud gan mheas ort féin: náire chughat. Stranfhiacal: fiacal a bhíos ag éirghe amach ón gcuid eile: fiacal ag fás fiar nách ar an gcuma nádúrdha. Cúilfhiacla: na fiacla is sia siar ar gach taobh thíos agus thuas. Cairbfhiacla: fiacla láidre, go daingean san gcairb. Clárfhiacla: fiacla leathana tosaigh uachtaracha. Cairfhiacla: fiacla tosaigh. Fiacal na súl. Fiacal an deóil: fiacal bheag thosaigh do ghearras searrach tímcheall aoise trí mí agus a chaitheas i gcionn a thrí mbliadhan. Thug an madra fiacal do: rug sé greim air. Bí ag baint fiacaile as san: ag itheadh blúire beag. Oiread a’s blaise fiacaile den ubhall ní thabharfadh sé uaidh, tá sé chómh gortach san: oiread an frighe. Fiacla raca, cíorach, taistil, etc.

fiaclach: *a.* go mórán nó mórfhiaclaibh. Nách fiaclach an t-aisc an easaí fharraige: mórchuid díobh aice. Carraig fhiaclach go ndeachaidh do líon uirthe níor fhág sí pioc di lé n-a chéile: géar, manntach, biorach, eagach: gágach. Ná bí chómh fiaclach san a’s giorraisc do thabhairt dos gach aonne a fhiafruigheas rud éigin díot: grod: snapach.

fiaclóir: *f.3.* duine a bhíos ag obair ar fhiacail an phortaigh le linn bainte na móna: an té a bhíos ag síneadh na móna tharais ón té a bhíos ghá píceáil on sleánadóir.

fiadh: *f.* onóir, meas, áthas, Tháinig sé gan fiadh gan fáilte roimis: meas, onóir.

fiadh: *f.1.* ainmhidhe lúthmhar ceathairchosach a chognas an chír (cíorach). An cairrfhiadh: an fiadh fireann lánfhásta; an eilit, an ceann baineann; an t-os, an laogh: sin iad an fiadh ruadh. An boc, an ceann fireann, an mhaoiseach, an ceann baineann; an laogh, an gamhain (an fiadh fionn). Nuair bítear i bponnc a’s nách fios cad is ceart do dhéanamh nó ghabháil deirtear – “cá ngeóbhaidh an fiadh anois?” .i. cá bhfuil ár bhfuascailt? Táimid gan fiadh gan fiadhach: scurtha, díomhaoin; ár gcuid oibre nó duaidh imthighthe gan tairbhe. Ag cainnt lé daoinibh a bheadh tréis bheith ar thóraidheacht aon ruda deirtear leó, “cá bhfuil an fiadh?”: an tseilg: an toradh. Fiadh beannach: fiadh go mbíonn adharca fada air, agus an fiadh maol: .i. gan beann. Lean an fiadh anois: lean an rud atá imthighthe gan dul air.

fiadh-: fiadhain, scartha lé bun-áit, roim ionbhaidh. Fiadh-chloch, fiadh-charraig: cloch nó carraig nách féidir dul uirthe de chosaibh trioma. Fiadhnait: fiadhchloch. Ubh fiadh: ubh do beirtear sara mbíonn an sleagán tagtha air. Bogán uibhe fiadha do bhíonn ag an gcirc sin, pé iomard atá uirthe: beireann sí uibhe roim a n-ionbhaidh. “Is ag dul ó chaladh go fiadhnait dom é .i. ó thigh an diabhail go tigh an deamhain: ag dul ó áit shábhálta (ach go háirithe go mbeadh a fhios agat t’aiste) go háit nár bh’aon iontaoibh .i. ón míntír go carraig nách féidir d’fhágaint gan bád. Níl d’fholt ar a cheann anois ach fiadh-ruibe: foth-ruibe. Dá bhfeictheá na fiadh-lachainn a bhíos ann: lachainn fhiadhaine. Fiadh-mhuc: siúd a alpfadh thu dá bhfaghadh an dul ort: muc láidir, fhiadhain, fhíochmhar. Fiadh-

chorcán prátaidhe ar ghríosaigh theine aca: corcán mór, groidhe. Scaoil uait an fiadh-challán uisce sin, tá sé róthrom duit, a leinbh: callán áidhbhéil lé toirt do neart an leinbh.

fiadha: *f.5.* an Tighearna Dia. Dar fiadha bead-sa leis ar bhur dtaobh: dearbhuighim díbh. Dar fiadha a's dar fiolar, dá mbeadh mo luadar agam-sa raghainn 'on tsochraid sin: níl aon amhras air. Thug sé fiadha a's fiolar nách é a dhein é: mhóidigh is thiomnuigh sé. Tá's ag fiadha dá bhfaghainn-se greim ort-sa go bhfágfainn cimiar ort: dar mo mhóide: Dia mar fhíné air.

fiadhach: *f.1.* fiadh-charraig, carraig aonair tamall ó thalamh. Fiadhach an Daingin: carraig tamall ó bhéal an chuain. Fiadhach an Fhirtéaraigh: carraig go bhfuil bealach idir í agus an mhíntír.

fiadhach: *f.1.* tóraidheacht, tóir, creach, beithidhigh a's ainmhidhthe a's éanlaithe allta. Beidh fiadhach ortha so a ghoid an armáil: lorg: tóir. Bíodh fiadhach anois agat air: loirg anois an rud atá dulta amugha ort nó imthighthe chun fáin. Tá fiadhach agat air: beidh do dhóthain mór lé déanamh agat teacht suas leis. Capall, gadhar, lá, lucht, liúgh fiadhaigh. Ná bac san ní fada ná go mbeidh a clann chun fiadhaigh aice: i ndán soláthar dóibh féin. Gach fear agaibh chun fiadhaigh anois: bíodh gach nduine ar a dhícheall chun teacht suas lé rud éigin éaluightheach mar iasc etc. Dá tárlóchadh go mbeadh mórchuid daoine ar lorg nó ar thóir aonnidh déarfí "bhíodar sa bhfiadhach". "Fonn a ghníos fiadhach" (seanfhocal) .i. an té ná bíonn fonn air chun ruda do dhéanamh ní bhíonn seilg ná faic de bharr aonnidh aige. Níl aon fhiadhach eile aca anois ach hallaidhe rinnce: caitheamh aimsire. Páirc an fhiadhaigh: páirc chosanta ainmhidhthe allta le tóraidheacht. Fiadhach gan éifeacht don gcrúnca seanduine sin bheith ar lorg mná: tóir: cuardach gan tairbhe. Cá rabhais ghod chur féin i bhfolach ó mhaidean táim ghot fhiadhach ins gach aon áit: ar do lorg go dícheallach. Seo chun fiadhaigh a raibh ar an sráid i ndiaidh an ghadaidhe: ar a thóraidheacht.

fiadhachaim: *b.a. 7 n-a.* tóruighim, loirgim, ruagaim, díbrim. D'fhiadhach an namhaid me ó ghleann go gleann, ó scairt go scairt, ach thugas na cosa uatha: thoruigheadar me. Oiread agus feóirling ruaidh dem chuid ní bheidh ag an allfraits ag dul síos 'on chré dho fiadhachfad gan taise é: leanfad é gan aon tsos do thabhairt do. Fiadhachaim sa gheimhreadh a's iascaim sa tsamhradh: bím ar thóraidheacht ainmhidhthe a's éanlaithe allta. Dar leis an amadán tá an saoghal ar a thoil aige ach gheobhair mise fíor fós go bhfiadhachfar sa deireadh é: go ruaigfear é. D'fhiadhach sé an tigh de thíos agus thuas go mion agus go beacht ach 'n-a dhiaidh san bhí sé ann fé n-a chuardach: loirg: chuarduigh.

fiadhaidhe: *f.4.* tóraidhe, cuarduightheóir, soláthraidhe, sealgaire. Fiadhaidhe maith madra an chú san: tá sí go maith sa tóir chun na croiche do ghabháil. Síos fén dtír seadh bhíonn an t-éirghe anáirde fútha, fiadhaidhthe fé n-a gcasógaibh dearga 'sa gcaipínidhe beannacha ar a gcapaillibh 'sa scath gadhar aca. "Budh mhór an fear fiadhaidhe é i láthair an Tighearna; uime sin adubhradh, eadhon amhail Niomrod an sealgaire mór i láthair an Tighearna" (Gen. X. 9). Lé n-a linn budh mhaith, bailightheach an fiadhaidhe mná í gidh ná bíodh aice ach a mála níor fhág ocras ar a clainn: soláthraidhe: bailightheóir.

fiadhaile: *f.4.* na planndaidhe neamhthairbheacha, díoghbhálacha a fhásas trí churadóireacht a's in áiteannaibh eile: dríodar daoine. Fiadhaile is mó bheidh sa choirce sin: "salachar" mar pairseach buidhe etc. Cá bhfuil na fir bhreághtha, ghroidhthe a bhíodh ann lé linn m'óige? níl ann 'n-a n-ionad anois ach fiadhaile, spreasáin bheaga, shuaracha: dríodar: fir gan scrothaidheacht. Do thacht an fiadhaile na prátaidhe (bláthanna etc.) connus fhásfaidís: na planndaidhe seo is dochar d'fhás thairbheach.

fiadhain: *a.* neamhmín, neamhthíorachais, dréir nádúrdha, gan bheith beartha chun tíorachais nó mínighthe, allta, stoirmeamhail, fíochda, neamhshrianta, neambéascnach, neamhthláith, ainmhianta, neamhchoitcheann. Tá cuma fhiadhain air, ní fheicfeá a ghnúis ar aonne: eaglach: neamhghnáth. Chuir sé chun catha go fiadhain: go fíochda: lé n-a lán-neart. Is geall le hainmhidhe fiadhain é nuair bhíonn braon ólta aige, gach aon léim as a chorp aige a's gach aon bhéic: imtheacht éigciallda fé: imthighthe gan fuaimeant an ghnáthdhuine ar a chéill chirt. Gé fhiadhain a imthightheas di féin ó thír tír gan spleádhachas don nduine. Budh mar a chéile é agus leómhan fiadhain na coille: gan aon tsmacht ná srian: gan tuigsint do chaitheamh leis an rud a bhí dhá dhéanamh aige mar bheadh ag duine gur bh'eól do an deifir idir olc agus mhaith, idir dhíoghbháil do dhéanamh a's gan a dhéanamh. Gan aonne chun iad do stiúradh ná do theagasc d'imthightheadar fiadhain: gan aon riaghaltacht: dheinidís rudaidhe ná déanfadh daoine go mbeadh tíorachas ag baint leó. Tá sé imthighthe fiadhain (rádh): deineann sé nidhthe ná deineann an choitchiantacht 'n-a thímcheall. Fiadhain chun óil: mórchuid Éireann dúlach aige ann. Fiadhain chun Gaedhealainge: "as a mheabhair" chun a foghlumtha, a scaipeadh, a cosanta nó a tairbhe. Fiadhain chun rinnce: rinnce "sa cheann aige". Capall fiadhain, tabhair aire dho: ainmhidhe ná fuil róshocair. Barraidhe ag imtheacht fiadhain ar fad: ag fás a's ag borradh go mear. D'imthigh an talamh fiadhain orm, mar ná raibh cabhair a bhriste a's a chur agam: d'imthigh sé ar aiste nádúrdha. Na talmhaintidhe fiadhaine lasmuigh: tíortha coigcríocha ná bíonn mórán nó aon chuid curadóireachta déanta ortha nó aon atharrughadh déanta ar scéimh na talmhan. Tugann an hata san cuma fhiadhain ort: clódh a chuirfeadh duine ná beadh riaghalta i gcuimhne. Bláthanna ag fás fiadhain ann: ag fás gan neach do chur a síl, nó ag fás gan freasdal do dhéanamh ortha. An ghruaig fhiadhain atá uirthe: gan chíoradh, gan chóiriughadh. Áit fhiadhain i bhfad ó thigh: áit a chuirfeadh eagla ort. Nuair labhradh rud nár thaithnigh leis thug súil fhiadhain n-a thímcheall: do bhíodhg an tsúil go tapaidh a's tháinig solas ná raibh tláith innte. Shiubhalas go fiadhain d'iarraidh teacht suas leis: chómh mear agus d'fhéadfadh mo chosa mé d'iomchar. Ag obair go fiadhain d'iarraidh teacht suas leis an méid atáimid siar: ag obair ar lán an bhata. Ag éirghe liom go fiadhain: go hiongtach. Táid fiadhain id choinnibh, ní dóigh liom gur féidir iad do mhaolughadh: is fada ó bheith buidheach díot iad agus dhéanfaidís do dhochar. Seachain é, tá sé fiadhain chughat: ar buile. Bíonn leanbhaidhe fiadhain chun milseán: dúil an domhain aca ionta.

fiadhaire: *f.4.* (níl fuaim "g" ag "dh" sa bhfocal so) fairtheóir coillte a's fiadhaigh, duine fáin, fuaidreach. Ag imtheacht 'n-a fhiadhaire feádha ó bhall go ball: duine fáin, gan aon deimhnightheacht ag baint lé n-a chúrsaidhibh, "oidhche annso a's eadarshuth annsúd" aige. Cá bhfuil an fiadhaire feádha?: ag tagairt do dhuine éigin gur sár-eól gur minicighe ag scaoinsidheacht é 'ná ag obair. Seo chughainn an fiadhaire feádha: duine den líon

tighe ná deineann ach beagchuid a's a bhíos ag leigheadh a chuid aimsire thall 'sabhfus: fánaidhe: "buachaill" fuaidreach.

fiadhantas: *f.1.* fíochmhaire, gairbheacht (aimsire), alltas, neamhmíne, fásach. Lé fiadhantas dúthaighe tá líomatáistidhe áidhbhéile, fairsinge i gcrioslach na Breasaoile nár toighdeadh fós, riascanna móra, logáin, foraoisidhe agus screathanacha dlúthfháis: ar aiste mar tá ó nádúir gan réidhteach. Níor bh'fhéidir bád béaloscailte do chur ar poll lé fiadhantas na mara: gairbheacht: buirbe. Tá sé tréis na hÉireann do thaisdeal ar a rothar gan ach seal beag cómhnaidhthe in aon áit. Fiadhantas éigin ag baint leis: neamhstuidéar. An bhfeicir an léas san thiar? tá fiadhantas ar an lá indiugh: drochaimsir. Cuir uaim an fiadhantas sa chuideachtain seo, sochmacht agus síothcháin atá uaim: éirghe ó thalamh: goirgeacht. I bhfiadhantas an chnuic do lonnuigheann an girrfhiadh is mire cos: san áit is iargcúlta agus is mó go luigheann síon air. Fiadhantas fola a bhí ar "bhruithnidhe" – ní fhéadadh sé aon bhean do leigeant tharais gan a hionsaidhe: caise doshrianta: ainmhian. Ag dul chun fiadhantais do bhí sé dá mhéid iarracht do thugas ar é do mhaolughadh: ag éirghe chun breise buile. Teich isteach on bhfiadhantas ón ndroichshín: ón áit ró-iargcúlta: ródhiamhair. Tá fiadhantas ar an gcapall ó bheith istigh a's gan aon obair do bhaint as: lán de theasbhach. Fanann an girrfhiadh i bhfad ó shiubhal daoine lé fiadhantas: neamhmíne, mianach nádúrtha.

fiadhanach: *f.1.* talamh 'n-a mhinthíreachais as riasc nó talamh garbh. Baile an Fhiadhanaigh: a briseadh 'n-a bhán a's 'n-a mhínthalamh curadóireachta as thalamh sléibhe.

fiadhanta: *iol.* guirt mínighthe saothruighthe as thalamh garbh, móna, sléibhe, etc.

fiadhbhán: *f.1.* talamh ar n-a iompódh 'n-a bhán tréis bheith 'n-a riascach do. Déanfar talamh maith, mín den sliabh san fós tá sé 'n-a fhiadhbhán cheana féin: briste agus rascalach féir ag fás air.

fiadh-bheithidheach: *f.1.* ainmhidhe fiadhain, duine neamhmín. Fiadh-bheithidhigh na coille. Ná tairng chugham an duine sin, ní fearrde aonne bheith 'n-a threo, níl aon rud dhá thaidhbhreamh dho ach achrann, fiadh-bheithidheach seadh é: duine gan tláthas, gan síothcháin Dé.

fiadhchaile: *b.4.* bean do-ranna, achrannach. De ló ná d'oidhche ní bhíonn síothcháin ná suaimhneas aige ón bhfiadhchaile mná san aige: nách féidir réidhteach léi.

fiadhchapall: *f.1.* capall gan briseadh, gan ionnramh. Bramach trí mbliadhan atá 'n-a fhiadhchapall anois, dóthain aonne a bhriseadh chun oibre: dosmachta. Gluaiseann na fiadhchapaill 'n-a scataidhibh: nár láimhsigheadh riamh. Scuab sé trí chúrsa an ráis mar dhéanfadh fiadhchapall: capall fuinneamhail, do-thraochta.

fiadhchloch: *b.2.* carraig deighilte ón dtalamh ge bealach, carraig i bhfad amach sa bhfarraige. Fiadhchloch seadh Carraig Aonair ar chósta Chorcaighe. Fiadhchloch seadh an fhiadhnait tamall siar ó Thráighlí. Nách ort atá an t-eagla agus an deabhadh, ní ar

fhiadhchloich ataoi: ar charraig deighilte ón míntír. Gan bád ní fhéadfá dul uirthe ach le bád, fiadhchloch seadh í.

fiadhnach: (**fiadhaineach**) *a.* soiléir, poiblidhe, follas, dearbhtha. Dhearbhuigh sé go fiadhnach (bhíos féin fiú amháin láithreach) ná raibh lámh ná ladhar aige i marbhadh an duine: os chómhair fínidhthe: go poiblidhe. As a bhfuil ráidhte agat, go gcaithfeadh sé a bheith annso agus go bhfuil a fhonn air, is fiadhaineach go mbeidh: is léir. Is fiadhnach gur ag dul in áit éigin thar pharóiste amach do bhí sé, mar bhí a chuid éadaigh lae shaoire agus Dhomhnaigh air: árdchosamhail. Ní fiadhnach don saoghal leath cortha an fheille-bhleaigeárd sin, níl aon droichghníomh lasmuigh de: i ganfhios is mó atá déanta aige: ní follas: ní fheicid ná ní heól dóibh. Is fiadhnach liom-sa a bhfuil ráidhte, tá blas a's dath na fírinne ar a n-abrair: ní gábhadh dhom a thuilleadh dearbhtha ó aonne.

fiadhnach: (**fiadhaineach**) *f.1.* fínéidh, duine a chídheas rud é féin. Creid é gur fíor é, fiadhnach mise air: chonnac féin. Dá ndearbhuigheadh fiadhnach a's fiche dhom go ndeárna sé rud chómh neamhfhearamhail sin ní chreidfinn é: daoine a chídhfeadh lé n-a dhá shúil féin é.

fiadhnacht: (**fiaidhneacht**) *b.3.* fínéacht, cruthamhnas: foillsiughadh. Ná glaoidhtear ar a thuilleadh fínidhthibh, tá go leór fiaidhneachta os mo chómhair chun breithe do thabhairt ar an gcás: cruthamhnas: foillsiughadh gur féidir liom dá dhruim a bhreithniughadh go soiléir nách féidir aon amhras do bheith 'n-a thaobh: an tslighe n-a bhfaightear an fhírinne amach chun na dlighe d'fheidhmiughadh. B'éigean dom é do chreideamhaint, b'fhollas d'aon amadán a fhiadhnacht: a shoiléire.

fiadhnaise: *b.4.* fídhnéidh, fídhnéideacht, dearbhadh duine a shuidheas go mbíonn eólas aige ar an nidh a admhuigheas sé: cruthamhnas fídhnéidhe nó fídhnidhthe: dearbhadh, móidiughadh, tiomnughadh i láthair cúirte, daoine etc.: láthair: cómhair. Ná tair im fhiadhnaise má tá cion ar t'anam agat, scrios faid na feighle uaim: im láthair: os mo chómhair. I bhfiadhnaise Dé agus chómh maith agus is maith liom é d'fheicsint, ní raibh aon bhaint léd chuid agam. I bhfiadhnaise na marbh bíodh urraim agat dóibh: 'n-a láthair: in aice leó: ós a gcoinne. Bíodh a fhiadhnaise go raibh sé ann ar an méid seo atá lé rádh agam: mar chruthughadh, chur in iúil go fírinneach. Mise agus Tadhg dob fhiadhnaise ar an udhacht: sinne beirt a bhí ar an bhfód agus a chuir ár n-ainmneacha léi mar dhearbhadh ar an ngníomh. Déarfainn a bhfuil lé rádh agam id thaobh i bhfiadhnaise an tsaoghail mhóir go neamheaglach: os a gcómhair: i gcómhchlos dóibh. Budh mhaith liom t'fhiadhnaise d'fheicsint ann d'fhéachaint an gcaithfeá feasda aon amhras ar mo scéal: tú do bheith láithreach. Sin mar chaitheann an fuairthéidh sin an lá i bhfiadhnaise na gríosaighe: go díomhaoin ós chómhair etc. Árduigh t'fhiadhnaise as mo radharc: tú féin. Ní duine i bhfiadhnaise aonne thu: lé cur in aithne do chách: lé feicsint ag neach. Cuirtear biadh 'n-a bhfiadhnaise, ithidís nó fágaidís: os a gcómhair. Bhíos fé fhiadhnaise ar feadh trí huaire an chluig: ag aithris ar mo mhóid. Dréir na fiadhnaise contrárdha do tugadh dubhairt an giúistís nár chreid sé focal, gur dheargéitheach ó thóin ceann í: fínéidheacht: aithris mhóidighthe. "Ná tabhair fiadhnaise bréige in aghaidh do chómharsan": ná dearbhuigh, leabharuigh, móidigh, tiomnuigh gur fírinne an t-éitheach agat. "Agus do thug sé [an Tighearna] do Mhaois, an uair do chríochnuigh sé a chómhrádh leis ar

Shliabh Shionai, dhá chlár na fiadhnaise, cláir chloiche, scríobhtha lé méir Dé" (Ecs. XXXI. 18): dearbhadh na fírinne ó Dhia. "Tá dlighe an Tighearna iomlán, ag iompódh an anama; is fírinneach fiadhnaise an Tighearna ag déanamh an-óinmhid críonna" (Sailm XIX. 8). "Má choimeádaid do mhic mo chonnradh agus m'fhiadhnaise noch mhúinfead dóibh suidhid a gclann mar an gcéadna go síorraidhe it chathaoir ríoghdha: an Scríbhinn Diadha: an Bíobla. "Agus is nidh follas ná saorfar aonne tréis an reachta i bhfiadhnaise Dé óir is trí chreideamh a mhairfeas an fíreán" (Galat. III. 11). "Annsan do thugadar amach mac an righe agus chuireadar an choróin air, agus thugadar an fhiadhnaise dho agus do rinneadar rí dhe, etc." (2. Croinic. XXIII. 11): leabhar na dlighe. "...Fuair me ón dTighearna Íosa do chóimhlíonadh maille lé gáirdeachas lé fiadhnaise do dhéanamh do shoiscéal grás Dé" (Gníomhartha XX. 24). "Uime sin ná bíodh adhnáire ort fá fhiadhnaise ár dTighearna ná im thímcheall-sa is príosúnach ar a shon; acht bíodh do chuid agat den soiscéal dréir cómhacht Dé" (2. Tiomot. I. 8). "Fé mar d'aithin an Tighearna do Mhaois mar sin do chuir Aoran suas é [an manna] os choinne na fiadhnaise ghá chumhdach" (Ecs. XVI. 34): an áirc 'n-ar taisceadh an dlighe. "Do choimeád me t'aitheanta agus t'fhiadhnaisidhe; óir táid mo shlighthe uile id láthair-se" (Sailm CXVIII. 168): bréithre: riaghalacha. "Coimeád go dícheallach aitheanta an Tighearna, do Dhia, agus a fhiadhnaisidhe agus a reachta" (Deut. VII. 11). "Agus gidh b'é ná geóbhaidh chúcha sibh, ar bhfágáil na cathrabh san díbh croithidh fós an luaithreán d'bhur gcosaibh mar fhiadhnaise 'n-a n-aghaidh" (Lúcás IX. 5). Táir díomhaoin, leisceamhail, do ghnóth fiadhnaise air, gan pioc de déanta: mar chómhartha. Fuairtheas a chuid éadaigh ar an dtráigh a's glacadh leis mar fhiadhnaise gur b'amhlaidh do báthadh é: mar chómhartha, cruthuighthe. Connacthas dom go rabhas i bhfiadhnaise mo mharbhtha, a's béal an ghunna dírighthe orm: i láthair: nár bh'fhada uaim an bás.

fiadhnait: *b.2.* fiadhchloch, fiadhcharraig: carraig sa bhfarraige gan "dul tirim" uirthe. "Sí an léim ó chalaidh go fiadhnait í" (seanfhocal): léim chonntabharthach: "ón bhfriochtán 'on teine". B'í an léim ó chalaidh go fiadhnait do a fheirm bhreágh thalmhan do dhíol agus siopa a chur fé sa bhaile mhór mar ar beag é a ionchas ar dhul ar aghaidh óir ní mór í a charaid ann.

fiadhnéidh: (**fínéidh, fínnéidh, fíné, fínné**) *f.* (*iol.* fínidhte) duine a chídheas an rud i dtreis nó gur b'eól do go pearsanta: duine a thugas finéidheacht uaidh, nó eólas súl: duine a thugas fínéidheacht uaidh ar a mhóid os cómhair cúirte dlighe. Fiadhnéidh me air go raibh sé ann, do chonnac ann é: duine go bhfuil eólas fírinneach aige. Fiadhnéidh bréagach an fear san: tá sé ag dearbhadh i láthair Dé ar a mhóid rud ná fuil fíor ná cóir". "Do ghním-se fiadhnaise dhom féin, níl m'fhiadhnéidh fírinneach" (Eón V. 31). Seachain cad tá agat dhá rádh, tá fiadhnéidhthe agam-sa ort: daoine gur féidir leó a dhearbhadh agus a chruthughadh cad tá ar siubhal agat. Ní raibh aon fhiadhnéidh orm ach Dia na Glóire: ní raibh neach láithreach ná ag féachaint. Dheinis é, ní haon mhaith dhuit bheith ghá shéanadh, tá go leór fiadhnéidhthe ort: daoine a chonnaic thu. Fiadhnéidh mise ar an dtinneas atá orm: is mise a bhraitheas é.

fiadhnéidheacht: (**fínéidheacht, fínnéidheacht**) *b.3.* fiadhnaise: an suidheamh a deintear ar mhóid. Ag tabhairt fiadhnéidheachta ar mo shon: ag dearbhadh ar mo thaobh. Mo ghradhain t'fiadhnéidheacht. Sin í an fhiadhnéidheacht cham: an dearbhadh ar cad a

chonnaicís, a chualais, a thárlaidh, nó is eól duit go pearsanta. Cuireadh síos i bhfiadhnéidheacht gach aon rud: móidigheadh os cómhair cúirte nó "suidhe" dlighe eile: foillsiughadh, deimhniughadh, nó contagairt dhuine a dhearbhuigheas gur b'eól do fírinne an nídh atá dhá dhearbhughadh nó dhá thiomnadh aige: leabharughadh. Fiadhnéidheacht bhréige: dearbhadh fallsa, éithigh.

fiadhnughadh: *f.* (*-uighthe*) do dhul i bhfiadhantas, in olcas (aimsir): do dhul lé buile: d'innteacht allta, ó smacht. Ag fiadhnughadh a bhí an oidhche, doircheacht, stoirm a's cloichshneachtadh: ag dul i bhfíochmhaire. Aon mhíniughadh níl ag dul ar lucht an chogaidh, ag fiadhnughadh chuige atáid: ag dul i ngéire agus i bhfíoch chun a chéile. Tagann fiadhnughadh ar chaoiribh a bhíos i mullach na gcnoc: breis fiadhaine nó alltachta ná bíonn ar chaoiribh cois tighe a's áite. Ó ló go ló bhí na leanbhaidhe ag fiadhnughadh nuair ná raibh súil athar ná máthar ortha.

fiadhnuighim: *b.a. 7 n-a.* cuirim lé feirg: fearguigim: rithim i neamhmíne: fiuchaim lé buile. Fiadhnuigheann an aimsir in earball an Mhárta, tagann gálaidhe a's fuacht: téigheann sí in olcas. Fiadhnóchaidh sé san áit úd 'n-a aonar i gcoim an chnuic: raghaidh sé chun neamhmíne. Fiadhnóchair an capall má bhír ghá bhualadh: cuirfir chun stráin a's stailce, fiadhantais, míoshuaimhnis. D'fhiadhnuigh sé nuair chuala sé gur thuit a mhac le haill, chloisfeá míle ó bhaile é ag gol 'sag liúighrigh: chuaidh sé ar mearaidhe lé brón: corruigheadh an inntin aige gur imthigh a shuim as gach aonnidh.

fiadhshíol: *f.1.* síol coigcríoch, nó fás nách dual don áit: an féar a bhíos ag fás trí arbhar: síol fiadhaile. Budh dheacair leis an gcoirce triomughadh, mar bhí sé lán d'fhiadhshíol: salachar féir tríd. Sin práta deóranta, as fhiadhshíol éigin d'fhás sé: síol coigcríoch, iasachta. Nách ait an chinidh "gleastar" san áit iargcúlta so, fiadhshíol seadh iad, mo thuairm: treabh a eascair ó áit éigin in imigcéin. De threabhachaibh chearta an cheanntair mise, ní haon fhiadhshíol me: mianach iasachta.

fiadhta: (**fiata**) *a. n-dh.* fiadhain, coigcríoch, coimhtheach. Buachaillidhe fiadhta ná deineann aon chonbharsáid ar scoil lé n-a gcóimhleacaidhthibh: coimhtheach, iargcúlta: ná meascann leó. Is fada aithne agam ar an bhfear, ach gheibhim mós fiadhta é, agus is beag é m'eólas air: neamhchoidreamhach: coimhtheach: iargcúlta. Saighdiúiridhe fiadhta nár bh'eagal leó a n-aghaidh do thabhairt ar namhaid dá threise: cródha, misneamhla.

fiadhtacht: *b.3.* fiadhaine, coigcríocht, coimhtheacht. Is deacra 'ná san a choidreamh do dhéanamh lé fiadhtacht an duine, beannuigh do a's ní bheannóchadh duit, a's maidir le hé do chur chun cómhráidh, éirigh as: coimtheacht: neamhfhonn cómhluadair. Bhíodh na sean-Éireannaigh áitrighthe ar a bhfiadhtacht cómhraic, ní ghéillfidís aon bheárna go dtín fear donn, deireannach: calmacht a's cródhacht. Níl sé furaiste an leómhan do mhíniughadh lé n-a fhiadhtacht: fiadhaine. Fiadhtacht na háite do tháinig leis cheal taithighe ar fhuacht mór a's gálaidhe troma: coigcríocht: coimhtheacht.

fiadhuighim: *b.a. 7 n-a.* tóruighim. D'fhiadhuigheadar an cnoc ar fad gan oiread agus girrfhiadh amháin do mhúscailt: chuarduigheadar. D'fhiadhuigheadar an mada ruadh treasna seacht bparóistidheacha gan breith air: thóruigheadar: leanadar. Is maith atáir

fiadhuighthe ged namhaid, ach ní bhéarfaid ort go lá Philib an Chleite: leanta: tóruighthe, loirgthe, cuarduighthe. Fágaidh mise mar nách aon mhaith bheith ag tnúth liom, fiadhuighidh leadhbóg éigin a thabharfas díbh an rud atá uaibh: cuarduighidh a's leanaidh.

fiadhughadh: *f.* (*-uighte*) lorg, cuardach, tóraidheacht: sealg. Lucht na bhfiach atá ghom fhiadhughadh ó Luan Satharn go bhfuil mo chroidhe a's mo shlainte briste aca d'iarraidh éaluighthe uatha: iad ar mo thóir: ghom chiapadh.

fiafruighe: *f.* (*-uighthe*) ceist, fiosrughadh, cur tuairisce, lorg cunntais, cur eólais, lorg faisnéise. (1) "connus taoi?" (2) "is cuma dhuit-se (in ainm an diabhail) connus táim, nó ná fuilim" (3) "tinn t'fhiafruighthe ort, mhuis, maran fiosrach ataoi": an ciapadh aigne atá ort go mbeadh a fhios agat fanadh sé ort, mar ná faghair aon eólas. Bhuail S. liom an lá eile, bhíos it fhiafruighe dhe. "Connus táid ag réidhteach lé chéile an aimsir seo?" – "ná bí ghá fhiafruighe dhíom-sa, a dhuine, ní beag dom aire do thabhairt dom chúram féin": ná cuir a chunntas orm (saghas imdheargtha an freagra so). "Mhuise, ní fheadar cá ndeachaidh bean an tighe seo amuigh indiugh, go raibh an deabhadh go léir uirthe?" – "tá fiafruighe air sin": ní hé gach aonne go bhfuil a fhíos san aige. Cad é an fiafruighe atá ort i dtaobh aonne ach aire do thabhairt dod ghnóth féin: fiosracht: gnóth ar lorg cunntais: lorgaireacht: ceistiúchán gan béasamhlacht. "D'fhiafruigheas de an raibh sé ar tí dulta 'on arm, go raibh sé ráidhte, agus dubhairt liom gur bh'é sin a chúram féin" – "tubaist t'fhiafruighthe ort, mar sin a bhíos tuillte ged lithéid": fuairis an rud a bhí ag dul duit. Chomh luath agus bhuail sé liom budh thu a chéad fhiafruighe: gur chuir sé a thuairisc. "Connus chaith sé an oidhche airéir?" – "níl ach bheith ghá fhiafruighe": an-olc. Ní gábhadh thú d'fhiafruighe, bail ó Dhia ort. Is ort atá cuma na sláinte a's na folláine: is soiléir gan aon cheist go bhfuilir ar fheabhas. "An bhfuil t'inghean-so imthighthe ar an rinnce?" – "sé a fhiafruighe é (fiafruighe Pheaid)" .i. is ait an cheist í ná fuil a fhios agat go bhfuil. Sin mar bhíonn gach aonne ag fiafruighe a dhuine féin: ag cur a thuairisce. Tá gach aon rud annsúd lé fiafruighe: loirg a's geóbhair. Fiafruighthe an domhain uile do bhíonn ort: ceisteanna nár ghábhadh dhuit. Ag fiafruighe na slighe bhí an duine deóranta san orm: ag lorg eólais na slighe. Gan a fhiafruighe det fhiacla déanfad dul isteach: gan do chead. Tá fiafruighe éigin ós na gárdaidhibh ar a ghnóthaighe a's táid: lorgaireacht. Ní fheadair aonne cá bhfuil sé lé bliadhain, tá fiafruighe air: lorg maith a gheóbhadh anois é.

fiafruighim: *b.a.* loirgim, cuirim tuairisc, cunntas, eólas, fiosruighim. Fiafruigh an tslighe d'aonne a bhuailfeas umat má bhír ag dul amugha: cuir ceist air chun do stiúruighthe. Fiafruighim díot cad do thug annso thu, maran misde leat é: ceistighim thu: tabhair a chunntas dom. "Cá rabhais anois?" – "d'fhiafruighis é" .i. rud fé rún é sin agam so, nó budh cheart duit a fhios do bheith agat, nó chuirfeadh sé iongadh ort dá n-innsinn duit é. Duine lághach, muinnteardha a fhiafruigheas gach aonne: a chuireas a dtuairisc i dtaobh a sláinte a's connus mar bhíonn an saoghal aca. Is minic fiafruighthe agam thu: is minic do chuireas tuairisc ar lucht t'aitheantais connus mar bhí an saoghal agat. Ní fhiafróchadh san mise a's me bheith ar barrghal báis: duine neamhmuinnteardha eisean. "Ar mh'anam gur fhiafruigh sé thu" – "d'fhiafruigh, mhuis, an fiafruighe a dhein an madra ar a athair" .i. ní heól don madra cé hé a athair a's mar sin níor chuir a thuairisc. Tuig i gceart an cúrsa, a dhuine, leanfaidh an cogadh so i bhfad, fiafruigh díot féin é:

scrúduigh mar tá aige agus meádhaidh é. “Agus is í seo fiadhnaise Eóin, an t-am do chuireadar na Giúdaigh ó Iorúsalaim sagairt agus Leibhitidhe chun go bhfiafróchaidís de, “cé hé tusa?” (Eóin I. 19): ceist chun feasa d’fhagháil. “Cad tá agat-sa dhá dhéanamh indiugh?” – “fiafruigh de! (nách mór atá a fhios uait)”: freagra an-ghiorraisc é seo.

fiafruighthe: *a.r.* a chunntas, eólas, tuairisc curtha. “An dtiocfair liom?” – “is minic fiafruighthe agat é”: is mór an tinneas atá aige ghá chur ort: bíodh deireadh agat. Tá fiafruighthe agam de chéad duine: chuireas a chunntas go han-mhinic.

fiafruightheach: *a.* fiosrach. Duine fiafruightheach seadh é: cuireann sé tuairisc dhaoine agus rudaidhe le deaghchroidhe. Dá mbeadh mo theanga chómh fiafruightheach a’s tá sí agat-sa thabharfadh sí náire dhom: táir rócheanamhail ar bheith sáidhte i gcúrsaidhibh dhaoine eile. “Más fiafruightheach is feasach”: an té a bhíos ag cur tuairiscidhe bailigheann eólas.

fiaghaltach: *a.* lán d’fhiaghaile, de shalachar. Gort fiaghaltach ná coimeádfadh Éire glan é: planndaidhe díoghbhálach do bharraidhibh ag fás ann.

fiadh-scread: *b.3.* scréach nó liach ghéar, uathbhásach. Shleamhnuigh sé den gcarraig isteach ’on bhfarraige agus leig sé fiadh-scread budh chómhchlos míle ó bhaile leis an anabháthadh a tháinig air: liach árd, géar: béic uathbhásach lé heagla. Nuair sáthadh an mhuc leig sí fiadh-scread a gheóbhadh siar ’saniar tríd cheann: uaill ghéar uathbhásach. Dhein sé fiadh-scread orm teacht chun a chabhartha: ghlaoidh go fiadhain.

fiailteach: (**fial-t.**) *f.* teach do dhaoinibh chun cúram a gcuid uisce etc. do chur díobh.

fiairghearrtha: (**fiar-gh.**) *a.r.* gearrtha fiar-threasna, fiar-sceó. Ní histeach díreach atá sí gearrtha in ao’chor ach fiair-ghearrtha: gearrtha cam. Rian fiair-ghearrtha tríd an ngort: gearrtha as a díreach.

fiairghearradh: (**fiar-gh.**) *f.* (*-rrtha*) gearradh ná fuil díreach. Chonnac ag fiairghearradh an ghuirt é: ag gabháil fiar-sceó, mar gheóbhadh ó chúinne thiar theas go cúinne thoir thuaidh. Chuir an scian fiairghearradh im mhéir: gearradh nárbh isteach díreach. Rinne sé fiairghearraidheacha san bhfeóil: treasna ar a chéile.

fial: *a.* flaitheamhail, laimhthighiseach, boigéiseach, cineálta, fairsing, tabharthach. Fial fé airgead: gan aon ghreim do bheith air. Tigh fial fé bhiadh: fairsing fé ’n-a riar a’s a bhronnadh. Buachaill fial flaitheamhail: a thugas dá chuid gan dochma agus go fairsing. Cuireadh fáilte rómham go fial: mórchuid fáilte. Dá gcaithtí cárta maith ar bhórd déarfadh imirtheóir ná taithneóchadh leis, ‘níor ghábhadh dhuit bheith chómh fial’: chómh pras: chómh haibidh ag foillsiughadh do nirt. Bhí sé de theist uirthe go raibh sí fial: claon lé bheith páirteach lé fearaibh. Thómhais sí an siúicre go fial chugham: thug sí breis a’s an tómhas dleaghthach dom: ní raibh peaca an tómhais uirthe.

fial: *f.* in ionad "diabhal". An fial me go bhfuil eagla ag teacht orm: dar fiadha an diabhal me. An fial go n-aontuighim leat: dar fiadha, etc. An fial pingin a fuaireas as mo dhuadh: oiread a's ceann amháin. An fial duine a bhí in aonfheacht liom: neach ar bith.

fial: *f.1.* scamall, tlacht, clúdach (ar an ngréin). Fialtha fuara na bliadhna nuair thagann droinn (dronn) ar an ainmhidhe .i. ó Nodlaig go hAbrán, nó mar sin. Nuair thugann a dheireadh don sín a's dheineann cnochaire dhe féin in aghaidh an duibheacha.

fialmhaire(acht): *b.4.* $_{7}$ *3.* féile, cineáltas do chách, fonn a's fairsinge riartha nó tabhartha, boigéis(eacht), laimhthighis(eacht). Ní hé an méid a thug sé uaidh go gcuirfinn suim ann, ach an fhialmhaire a's a luighead atá aige féin: an tso-chroidheacht. Dá mbeadh fialmhaire Ghuaire ionat ní fhéadfá gan duine éigin d'eiteach: chómh héascaidh fé bhronnadh a's b'fhéidir do bheith. Ná bí ag gearán air mar sin, is maith an locht atá air, fialmhaire: laimhthighis: tabhairt fhairsing do bheith ar a láimh. Chaith sé chugham breis a's mo chion lé fialmhaire a chroidhe: buige chun tabhartha: éascaidheachta féithe na féile. Tair go tigh na fialmhaireachta: an tigh go dtugtar go fairsing lé croidhe sochma, ná bíonn doicheall ná eiteach roim neach, a's gur féidir leis gach aonne bheith buannamhail.

fialmhar: *a.* riarthach, tabhartach, boigéiseach. Ní fheadair sé cad é an tairbhe atá in airgead tá sé chómh fialmhar san fé, ghá thabhairt ar cáirde a's ghá chaitheamh ar naoidhe na truagha. "Is mó tigh" ars an bacach 'n-ar casadh isteach me ann, "ach b'shiúd é an ceann budh neamh-fhialmhaire, focal den gcainnt fiú amháin budh mhór leó do thabhairt duit": gan fairsinge croidhe: gan é ó bhonn ionta bheith sothabharthach dá gcuid.

fian-choscairt: *b.3.* (*-artha*) tóraidheacht agus marbhadh creiche an fhiadhaigh: mórchuid d'fhiadhach mharbh: scrios, ár. Ag fiadhach, ag fian-scoraidheacht a's ag fian-choscairt: ag seilg, ag bailiughadh 'n-a sluaightibh 'sag gluaiseacht i gcéin (chun seilge), 'sag treascairt na creiche. Tréis na fian-choscartha ar fad a bhí déanta aca ar a bhéal ní fheaca oiread agus girrfhiadh caoch na pilibín míog aca!!!: marbhadh ainmhidhthe a's éanlaithe allta. Uair sa bhliadhain do leigeadh an Tighearna do mhuinntir an cheanntair fian-choscairt do dhéanamh ar a pháirceanna fiadhaigh: gach tor a's canachán a's pruais do chuardach chun an fhiadhaigh do mhúscailt a's do thóraigheacht. Ní hé gur bhuadhadar orainn (in imirt) ach dheineadar fian-choscairt orainn: scrios: rinneadar pé rud budh mhaith leó linn. Rinne an Ghearmáin fian-choscairt ar an bPólainn: ghaibh sí tríthe lé faobhar teine a's do dhein a hargain.

fiann: *b.2.* gnátharm Fhinn Mhic Cumhaill. Táim chómh huaigneach, amharach lé hOisín i ndiaidh na Féinne: gan neach dem shean-aitheantas im thímcheall, gan caitheamh aimsire ná súgradh. Im Oisín i ndiaidh na Féinne.

fiannaidheacht: *b.3.* córas na Féinne, a mbéasa, a ngnása, a n-eachtraidhthe, a ndála, a gcáilidheacht: fastaoim, radamdádaidheacht: áidhbhéis chainnte. Chaithidís na hoidhcheanta fada geimhridh ag fiannaidheacht cois tine agus budh bhreágh slachtmhar iad chun tráchta: ag innsint seanscéal i dtaobh na Féinne. B'fhiú dhuit bheith ag éisteacht leis, tá fiannaidheacht an domhain aige: mórchuid eachtraidhte i dtaobh Fhinn agus na

Féinne. Ag maoidheamh ’sag bladhgar do mar gheall ar ar thaisteal sé i dtíorthaibh coigcríocha a’s an ghaisce do dhein sé ar ainmhidhthibh fiadhaine, ar ar chuir sé de dhaoinibh gorma ar lár, a lithéid d’fhiannaidheacht níor airighis riamh: áidhbhéis aidhbhéil. Bíonn fiannaidheacht éigin ar siubhal do shíor aige, ná creidtear focal uaidh: fastaoim. Chaitheamair an lá i gcúláis tighe tábhairne ag fiannaidheacht dúinn féin ’sag caitheamh ár mbraoin: radamdádaidheacht: ag trácht ar an saoghal a bhí ar ár sinnsear: ag fastaoim. Ní éistfinn in ao’chor léd lithéid, ní bhíonn agat ach fiannaidheacht: bréagaidheacht shnasta.

fianscar: *f.1.* faoibín, ag caitheamh tóna, súgradh, imtheacht lé haer an tsaoghail. Na hainmhidhthe ag imtheacht ar fianscar lé brothall a’s cuileannaibh: le fiardamhaigh: gan “luighe earbaill” in aon áit ortha. Cá bhfios dom cá bhfuil an duine, imthighthe mar is gnáthach leis, nidh nách iongadh ar fianscar do féin, mar bheadh duine ná beadh cíos, cás ná cathughadh air: lé n-a phoc: gan aon mhairg air ghá aoibhneas féin. Ar fianscar leis an scata beithidheach nuair chualadar glór na traenach, cuid aca siar, cuid aca soir: ’n-a ruathar.

fiar: *f.3.* locht, cor, claonadh. Ar an bhfiar atá sa bhollta san ní raghaidh sa pholl gan é do dhíriughadh: cor, claonadh as a dhíreach. Má tá milleán agat orm-sa ’n-a thaobh móidighim go bhfuilir sa bhfiar chugham: san éagcóir. Is aoibhinn agus is fairsing an radharc atá ó fhiar an chnuic: as an áit de go dtosnuigheann an claonadh: an mullach. Chomh maith agus is maith liom dul i láthair Dé sin í an fhírinne gan fiar agat: gan chor, gan chlaonadh.

fiaradh: *f.* (*-rtha*) lúbadh, claonadh, ag cur cuir i: ag caitheamh (le, ar, ó). Ón gcéad amharc do fuaireas ar an mbád bhí sí ag fiaradh uainn: ag caitheamh uainn: ag scaramhaint uainn ar an dtreó gcéadna. Ag fiaradh linn atá an ghaoth, ag druideam níos giorra do bheith fabhrach. Ar theacht go dtín Sceilg don luing chrom sí ar bhfiaradh siar: a tosach do thabhairt breis sa treó san. Ná bí ag fiaradh na fírinne: ag cur cuir innte: ag camadh. Tá an t-iarann ag fiaradh leis an dteas: cor ag teacht ann.

fiaraim: (**fiaruighim**) *b.a. 7 n-a.* lúbaim, casaim, cuirim cor ann, claonaim. Sin é, is deas an béas atá agat, fiar do shúile airís: cuir casadh ionta, féach fiar-sceó leó. Fiar ó thuaidh beagán, táir ag tarrac an iomad gaoithe: leag tosach an bháid. Fiar ar a chéile é: cas ar a chéile. Bhí a ghéaga chómh láidir sin go maoidhtí go bhfiaradh sé cruidhte capall leó: go lúbadh, go gcuireadh cor ionta.

fiarán: *f.1.* bagairt fheirge, fíoch, míoshuaimhneas a’s míoshásamh, spuaic. Focal cainnte ná féachaint cham ní fhuilngeóchadh sé uait an aimsir seo, tá an oiread san fiaráin air leis gach aonne: tá sé amuigh leó: tá sé sa druim ruaidh ar gach aonne: in imreasán leó. D’imthigh sé ar fiarán ón dtigh, is deacair é siúd do shásamh, ní raibh ár gcóir maith a dhóthain: tormas a’s spuaic. Chuireas fiarán feirge air ar rádh leis gur bh’olc an mhaise dho bheith ag tabhairt tarcuisne d’aonne: d’imthigh sé “bán, geal”: fíoch. Níl aon fhiarán agam-sa leat, cá mbeadh mo chúis ort?: níl mairg ná míoshástacht orm leat: nílim amuigh leat. B’fhada ar fiarán le chéile iad, agus deirim-se leat-sa, a chara, ná raibh aon chion amugha eatartha: ar eascáirdeas: míomhuinnteardhas. Ná bí ar fiarán liom-sa gan chúis

gan adhbhar, mar ná fuil tor madra agam ort ná ar do chuid buailimsciathachta: ag bagairt díthe a's díoghbhála orm.

fiar-cham: *a.* lúbtha, casta. Súile fiar-chama, slán mo chómhartha, nár mhaith leat féachaint cruinn air, budh dhóigh leat ortha gur ag féachaint uait do bheadh sé: cor gránda as a ndíreach iotna. Cad tá ar do chosaibh? an amhlaidh ataoi goirtighthe go bhfuilir ag siubhal fiar-cham: tú ag tabhairt dhá thaobh an chasáin isteach: sall agus anall. Is fiar-cham liom ataoi ag gluaiseacht, an bhfuil braon caithte agat? cad n-a thaobh an luascadh a's an tsuaineáil? tá bóthraghal ionat: grogaidheacht shiubhail. Dar le hiascairidhibh gur iascamhla na dubháin 'ná na luiseag ndíreach: luiseaga go mbíonn cor a's lúbadh ionta. Dem aindeóin chroidhearg d'imthigh an gluaisteán fiar-cham orm ó lár an bhóthair a's smiotadh ar an gclaidhe í: cam uidh ar n-uidh. Cosa, géaga, súile fiar-chama.

fiar-fhleascán: *f.1.* taobh (droma etc.), ar thaobh. Ní har a dhrom ar fad do síneadh as an dtrucail é ach ar fhiar-fhleascán a dhroma: ar chliathán nó taobh. Caitheadh fiar-fhleascánach me gan bhuannacht agam ar aonnidh: fiar-sceó i leith na gualann gan neart greama do bhreith ar aon taca. Fuaireas marbh sa díg é ar fhiar-fhleascán a dhroma: sínte ar an ionad idir a chliathán 'sa dhrom.

fiar-ghuala: guala a bhíos árd, cromtha seachas an ceann eile. Fiar-ghuailne: guailne go mbíonn cuar amach ionta. Budh dheacair don dtailliúir casóg feistighthe do dhéanamh dom gem fiar-ghualainn, toisc a haoirde 'e bhreis ar an gceann eile. Ní sheasuigheann sé díreach ar fad budh dhóigh leat gen-a fhiar-ghuailnibh, ach sin cómhartha fir acfuinnigh: cromghuailne: caitheamh leagad chun cinn aca. Fear fiar-ghuailneach: crom-shlineánach, etc. etc.

fiarlán: *do-bh.* fiar-sceó, sall agus anall. Gaibh fiarlán an cnoc suas agus ní bhfaghair an oiread dá dhuadh an mullach do bhaint amach: bíodh cor sall agus cor anall agat ag ascnamh duit. Cuir an taca leis an ndoras fiarlán: ná bíodh sé cruinn díreach anáirde ná lomthreasna ach i lár idir an dá threó san.

fiarlaoid: *b.2.* amugha, seachrán, seachmall, fán. Riamh, riamh níor shocruigh fé in aon áit ach ar fiarlaoid ó áit go háit, annso indiugh, annsúd ambáireach: ar fán. Dar liom go bhfuil fiarlaoid ar aigne an bhuachalla san, ní luaithe ar an ngaoith Mhárta é ná é imthighthe gan choinne as so a's as súd: fánaidheacht incheann, seachmall. Chaitheamair ár saoire ar fiarlaoid fén dtuaith: gan fanacht i bhfad in áit ná aon áit ná rud áirighthe do bheith 'n-ár n-aigne againn. Aon stuidéar ní thiocfaidh choidhche ann, is fada ar fiarlaoid ó Dhia a's ón Eaglais é: amugha, ar seachrán. Cad n-a thaobh ná gaibheann an bád san cruinn díreach ar an oileán más ann atá a triall a's gan bheith ag imtheacht fiarlaoid: as an gcúrsa díreach. Chuadhas fiarlaoid an chnuic 'on pharóiste theas: fiar-sceó: bhí cor sa bhealach do thógas orm féin.

fiarlaoideach: *a.* fáin, amugha, seachmallach, seachránach, fánach. An Giúdach fiarlaoideach: ná bíonn cómhnaidhe fada air in áit ar bith. Ar nós na cloiche reatha gan aon rud do bhailiughadh dho féin choidhche ach ag imtheacht go fiarlaoideach, tamall annso a's tamall annsúd: go fánach. Thoir ná thall ní bhfaghaim a chuid cainnte

fiarlaoideach ar gach aonnidh a sceinneas ó n-a bhéal: seachmallach, ag imtheacht ar fán mar bheadh duine go mbeadh rádhmhaille air. Sruth chainnte go fiarlaoideach aige, gan tuigsint aige féin uirthe ná ag aonne eile: tuilte cainnte gan aon bhun ná éifeacht lé baint aiste.

fiarlaoideach: *f.1.* fánaidhe, seachránaidhe. Socruigh fút duit féin, táir in aois a dhéanta anois, bíodh fuaimeant leat, scuir ded bhóithribh a's ná bí id fhiarlaoideach ar fuaid na dúthaighe: fánaidhe. Cár imthigh na fiarlaoidigh go léir a ghaibheadh tímcheall a's me im óige, is minic do bhíodh triúr aca againn de dhruim oidhche: lucht siubhail: daoine a bhíodh ag siubhal rómpa a's ag lorg a gcoda.

fiarlúbghail: *b.3.* lúbarnaghal a's freangaidhe, athchumadh. Bhíos ag fiarlúbghail fén ualach a bhí ró-throm dom: ag lúbarnaigh 'sag camadh fé. Ar chur an ghatha san eascúin chrom sí ar fhiarlúbghail d'iarraidh imtheacht de: ag casadh, ag lúbadh 'sag camadh. An oiread san tinnis orm ná féadfainn fanacht socair ach ag fiarlúbghail sa leabaidh: ag ionfairt ó thaobh taobh: athcumadh dhá chur agam ar mo chorp.

fiar-sceabha: (**fiar-sceó**) *f.4.* taobh árd a's taobh íseal as a dhíreach, leathcheann: féire. Tuitfidh an buidéal, tá sé ar fiar-sceó: tá leathcheann air: leagadh ar thaobh aige. D'imthigh sé fiar-sceabha de dhruim an chnuic: gluaiseacht chun cinn ar dheis nó ar chlé. Scéidh an t-uisce as an gcallán, mar bhí sé ar fiar-sceabha: ar leathcheann. Gearraidh fiar-sceabha an clár: i slighe a's ná beidh díreach. Is deacair tiomáint ar an mbóthar so, mar tá sé ar fiar-sceabha, taobh de breis aoirde seachas an taobh eile. D'imthigh an scian fiar-sceabha fén gcroiceann agam: idir fheóil a's leathar: gan dul 'on fheóil.

fiar-sceóbhach: *a.* ar leathcheann, ar leagadh. Is iongadh Túr Phíosa atá fiar-sceóbhach lé fada riamh ná tuiteann sé: leathcheann amach ar an gcuid uachtaraigh de thar a bhun. Chuaidh an bád fiar-sceóbhach fén ólaidhe: í ar a leathcheann. Toisc caime a shúl fiar-sceóbhach d'fhéachfadh sé ort: a cheann iompuighthe ar leathtaoibh.

fiar-shúil: *b.* (*-úl*) claonshúil, súil iompuighthe. Is mór an mháchail ar dhuine fiar-shúile do bheith aige: súile a bhíos ag féachaint ar leathtaoibh: camshúile. Thug sé fiar-shúil orm a ghaibh tríom: d'fhéach sé go géar ó chúinnidhibh a shúl orm. Fiar-shúil dár thugas tharm chonnac chugham an amhailt: stracshúil, liathshúil.

fiar-shúileach: *a.* (**-shúlach**) liathshúlach, camshúlach, claonshúlach. Bean fhiar-shúileach a's budh mhór an truagh é, ní fheadraís an ag féachaint ort nó nách eadh do bheadh sí: go mbíonn na súile suidhte ar thaobh as a gceart 'n-a ceann. Níor mhaith liom thu d'fhéachaint orm, mar táir fiar-shúileach, choireofá me, is baoghalach (piseoga) .i. liathshúlach.

fiar-shúilighe: (**fiar-shúilghe**) *b.4.* ar aiste fiar-shúl, casadh nó camadh sa tsúil 'n-a suidheamh. Ní mór é, ach tá sméideadh beag fiar-shúilighe ann: cor beag ar leathtaoibh. An diabhal go mbaineann an fhiar-shúilighe asat, mara mbainfidh aonne eile asat é, nách féachann rómhat a's gan bheith ag satailt ar chosaibh na ndaoine: caime radhairce. Fiar-shúilighe éigin ort-sa ná feacaidh an cárta san: ceal áise na súl.

fiartha: *a.r.* casta, lúbtha, craptha, casta ar leathtaoibh, claonta. Budh áidhbhéil an neart in iasc é, d'fhág an dubhán láidir sin fiartha 'n-a dhiaidh agus imtheacht de: casta as a fhoirm cheart. Tá an t-adhmad fiartha gen dteas: craptha. Bhí na súile fiartha istigh 'n-a cheann gur dhírigh an dochtúir do iad: casta. Ní túisce bhí an bád fiartha as an ngaoith ná thóg sé uisce: leagtha, iompuighthe.

fiar-threasna: *d-bh.* treasna ach nách ar a dhíreach é: claon-threasna, treó-línteach. Gaibh fiar-threasna an ghuirt agus sáróchair é, ná gaibh treasna go díreach: leagadh mór ar chlé nó ar dheis id ghluaiseacht. Cuir taca leis an ndoras fiar-threasna ón gcúinne clé anáirde go dtí an cúinne deas íochtarach. Thug an namhaid iarracht ar theacht fiar-threasna orainn: ár gcliathán do shárughadh.

fiar-threasnán: *f.1.* blúirdheacha adhmaid nó eile a cuirtear as a ndíreach mar thaca lé haon rud. Cuireadh treasnáin ó thaobh taobh ar an gcófra agus fiar-threasnáin ón gcúinne thall thuas go dtís an gcúinne abhfus thíos anuas ortha san.

fiatghail: *b.3.* "piardáil", cuardach, ganfhiosaidheacht. Sin é an cat fiatghala is mó a bhí i dtigh riamh, is cuma cá glas ná géibh do chuirfeá ar rud gheóbhadh sé amach é: cuardach ganfhiosaidheachta. Fiatghail an diabhail bhuidhe atá ort, cad tá uait in ao'chor, ag lorg 'sag póirseáil?: caoraidheacht agus cuardach. Aon ghreim ní íosfadh an t-ainmhidhe bradach san ar a cuid féin ach ag fiatghail ar thalamh na gcómharsan: ag féachaint de dhruim clathach ar lorg slighe chun dulta treasna.

fiche: *f.5.* a deich fé dhó, scór, cómhartha in ionad fiche mann mar seo – 20. "An é do thuairm go bhfuil airgead aige?" – "is é, mhuis, na fichididhe (púnt)": cuid mhór. Fáilte a's fiche rómhat: tá lánfháilte rómhat. Tá an cailín sin sa fichididhibh: idir fiche agus deich agus fiche (deich fichead). Sa déagaibh a's fiche: idir a tríocha a's a dathad. Tá an oiread cainnte aige a's bheadh ag fear dathad (bliadhain): go mbíonn foirbhtheacht céille tagtha dho le haois. Thugas a hocht fichead ar na brógaibh sin: ocht scillinge fichead. A seacht nó a hocht fichead de phúntaibh etc. etc.

ficheamhadh: *órd-uimhir n-dh.* an ceann is neasa don a naoi déag. Cómharthuigheann sé ceann amháin d'fhiche cuid comhthrom bheadh déanta d'aon rud. An ficheamhadh cuid den scéal níor thugas liom: fíorbheagán beag. "Tá Seán chómh maith d'fhear le Tadhg" – "níl ná an ficheamhadh cuid mhuis": is fada buidhe uaidh é. Duine as an bhficheamhadh a dhéanfadh rud chómh suarach leis: ní mór na daoine a dhéanfadh é. Á, sin é díreach é, is gleóidhte an roinnt í mise d'fhágaint ar an bhficheamhadh cuid: ar shuarachas.

fíd: *b.2.* beagáinín, oiread an frighe. Ní bhfuaireas fíd lé n-itheadh ós na diabhalaibh a's bolg mór ortha féin leis (an biadh): ruainne: blúire. Á, tabhair oiread na fíde féin dom, táim ag siolagar: ádhbhairín chómh beag san ná mothóchair é.

fidiléireacht: *b.3.* méaráil, meandráil, piollaireacht, piadóireacht, lútáil. Cad é an fhidiléireacht atá agat leis sin, leagfair é mara leigir do, ná feicir ar "thapa de bhfiontar" cheana é: méaráil, lútáil neamhaireach. Ó mhaidean go hoidhche faic na ngrást ní

dheineann sí, ach ag fidiléireacht: meandráil: ag baint lé rudaidhibh gan chrích gan áird do chur ortha. Fidiléireacht an obair sin: fastaoim: neamhthairbhe.

fidhis: *b.2.* slighe, bealach, caibhe, poll, béal. Fidhis na cluaise. Cuir i bhfidhis air go maith ná fanfad nóimint leis mara mbeidh sé in am: in iúil do: tuigeadh sé uait i gceart 'si gcóir é. "An ndubharthas leat nó ná dubharthas gan aon dearmhad do dhéanamh ar é d'fhiafruighe?" – "cuireadh i bhfidhis orm é?": tugadh lé tuigsint dom é. Nách gleóidhte do chuir sí i bhfidhis orm go raibh fiacha aice orm gan é do rádh as an gceanntsláine!: thug sí éachtaintidhe dhom ná féadfí do thógaint uirthe. Is minic curtha i bhfidhis ort fanacht siar ón inneall conntabharthach san: ráidhte leat go soiléir. Mar a chéile dhuit bheith ag cuimilt do mhéire de chloich nó bheith d'iarraidh léighinn (aon rud) do chur i bhfidhis ar an gceann cipín sin: d'iarraidh do chur 'n-a chluasaibh.

fidhreán: *f.1.* glór géar, caol, feadghail. Bhain an chloch fidhreán dem chluais ghaibh sí chómh hathchomair sin dom agus fuinneamh nimhe fúithe: glór cruaidh, caol. Ha, ha, tá chughainn, tá fidhreán gen ngaoith sa tsimné: feadghail ghéar. Éan go mbíonn fidhreán ag gabháil tríd an aer aige seadh an colúr: fuaim nimhe.

fíge: *f.4.* crann beag toraidh, an toradh féin. Mharbhóchaidís sin a chéile, táid chómh fíochmhar san in aghaidh a chéile go marbhóchaidís a chéile ar fíge fíodha: fíge fiadhain: ar bheagán bheag cúise. Ní thabharfainn fíge fíodha ort chun léightheóireachta: faic in ao'chor.

fighe: *b.4.* casadh a's filleadh snáithínidhe go gasta chun éadaigh, sníomh, dualadh, cuachadh. Fighe trí (ceathair)-dhualach: trí cuir d'aon rud mar snáithín, gruaig, etc. d'fhilleadh go healadhanta ar a chéile. Ná bí ag fighe do mhéar mar sin, ach éirigh agus dein rud: ag casadh na méar os chionn a chéile. Fighe chorrán: fighe ar shlighe ná beadh ach an tríomhadh, ceathramha, cúigeamhadh, nó séamhadh snáithín den eineach a's den ndlúth os chionn a's fé bhun a chéile. Fighe corráin ghairbh: leathan. Fighe corráin mín: éadach corránach. Cá maith d'aon fhear thusa mar mhnaoi, níl sníomh ná fighe ionat: i ndán faic do dhéanamh d'oirfeadh d'fhear chéile.

figheachán: *f.1.* fighe: an rud do fightear: beart an fhighe. Cuir idir tu agus an solas an t-éadach san agus chídhfir na scruigeanna ann a's go bhfuil droich-fhigheachán air: na snáithínidhe oibrighthe go holc. Figheachán maith ar an ughaim sin, is maith, cruaidh, fuinnte atá na tuigidhe curtha: filleadh cliste tímcheall na sáidhte. Tá figheachán imthighthe as an saoghal anois, níl figheadóir sa cheanntar: éadach dhá dhéanamh de shnáthach.

figheadóir: *f.3.* ceárdaidhe a oibrigheas ar sheól: duine a dheineas éadach trí shnáithínidhe do chur le chéile ar n-a bhfilleadh a's a gcasadh go ceardamhail. Ní gnáthach figheadóir n-a rannadóir: 'n-a sclábhaidhe maith guirt. Cad n-a thaobh bheith ag rámhaidheacht ar nós an fhigheadóra: ag casadh géag gan éifeacht.

figheadóireacht: *b.3.* fighe, casadh a's filleadh snáithínidhe etc. go gasta, cliste. Figheadóireacht a cheárd: déanamh éadaigh lé snáithínidhibh. Cad é an fhigheadóireacht

atá ort leis ach é do chur ag obair: útamáil: lútáil gan éifeacht. Cad é an fhigheadóireacht atá ort léd chosaibh, ach iad do choimeád socair: casadh a's filleadh. Figheadóireacht ait leis an bpeann: gan bheith ag déanamh scríbh léi. Cuir do dhoradha i bhfearas iascaigh a's cuir uait an fhigheadóireacht: an útamáil: suathadh gan feidhm.

fighim: *b.a.* fillim a's casaim ar a chéile, pléatuighim, cúmaim. Is fada gur fhígh sé dán anois: chum: cheap. Seo dhuit do thriubhas, tá slacht anois air, rud ná raibh. Tá sé fighte, fuaighte: curtha i bhfearas. An chainnt atá ar an bpáipéar mar gheall ar imtheacht an chogaidh is í atá go fighte, fuaighte: curtha lé n-a chéile thar barr. Beidh an ughaim fighte agam ar an mball: a cuid tuigidhe go léir curtha 'n-a gceart: críochnuighthe.

fígín: *f.4.* cnuig. Caith uait an fheóil sin, tá sí ag tosnughadh ar lobhadh, tá fígínidhe ag teacht innte: cnathacha beaga, bána.

file: *f.4.* ughdar dán, amhrán, rócán, duanaire, éigeas. Ní file é ach éifid: ní fear dán do chumadh é, ach tuata gan eólas na healadhan. Ní file ná fáidh me: nílim i ndán cainnt d'fhighe go slachtmhar, ceólmhar ná níl aon deisbhéalaidheacht ag baint liom. Táim im fhile chaoch gan sciain, connus ghearrfad an téad so?: im chácar: teanntuighthe ar fad. Ní hamháin gur bhuadhaidh sé orm ach dhein sé file caoch díom: bhuaidhaidh sé lán mo shaic orm. Dhéanfadh splannc file caoch de dhuine: chuirfeadh mearbhall ar dhuine ná beadh eólas a bheart aige. Cad dob áil leat a gheallamhaint dom a bheith ann agus gan tú do bheith, ag déanamh file chaoch dhíom: ghom mhealladh go magamhail. Tá tíortha an iarthair 'n-a bhfile chaoch ge Hitlear mar nách eól dóibh ón uain go dtín uair cad tá ar inntin aige do dhéanamh: trí chéile: an bonn bainte uatha. Is mór gur fearr Seán d'imirtheóir ná Mícheal, deineann sé file caoch de: cuireann mearbhall air: deineann sé boghaisínidhe tímcheall air. Cad a dhéanfadh sé a dhuine, file mar é: nách é sin go mbeadh súil agat uaidh. Seachain tu féin air, file seadh é: ar eagla aoir do chumadh ort. "Níl fáidh ná file i ndeallramh scoláire ná fear leabhartha": ceapadóir dán blasta.

fileamhail: *a.* éigseach, bárdach, deisbhéalach, líomhtha. Nách fileamhail an chainnt ó leanbh do rádh, "ná bíodh milleán agat orm, 'is deacair ceann críonna do chur ar ghuailnibh óga'": líomhtha, mar déarfadh file. Tagann cainnt fhileamhail uaidh: cainnt go mbíonn snas agus blastacht uirthe. Treibh (treabh) fhile fháidheamhail dob eadh iad: i ndán rócán nó duan do cheapadh in ullamhacht nó freagra, nó carbhall gonta do chaitheamh ar an láthair.

fileamhlacht: *b.3.* claonadh lé bheith fileamhail, feart na filidheachta do bheith ann. Tá fileamhlacht ag baint leat, is binn mar labhrair: labhair i mbréithribh snasta, ceólmhara. Creidimíd go bhfuil fileamhlacht sa teangain Ghaedhilge: go bhfuil sí ceólmhar, bríoghmhar, a's gur féidir lé duine é féin do chur in iúil innte go blasta, fuaimeantamhail.

fileata: *a. n-dh.* fileamhail, gonta. "Is fileata labhrair": is deas mar deirir cainnt. "Cuireann do bhrón maoithneachas orm" - nách fileata an chainnt í sin: aoibhinn, gonta.

filidheacht: *b.3.* saothar file, ealadha cúmtha dán a's amhrán: ceólmhaireacht agus bríoghmhaireacht briathar snoighte go binn. Táim bodhar agat leis, ná bí ag déanamh aon

fhilidheachta fé: ghá mholadh go díoghraiseach. Is fiú filidheacht do dhéanamh ar an saoghal do bhí againn ar an gcéilidhe: bheith ghá mholadh go canaibh na gréine. Beifear ag déanamh filidheachta ort 'n-a thaobh: beidh an oiread san daoine ag trácht ort go spalpfaidh duine éigin aca i ndán ort. Tá filidheacht agat, ar mh'anam, cuid mhaith, agus is chuige is fearr thu: in ionad aon rud áiseamhail do dhéanamh is amhlaidh do bhíonn gearr-aighneas agat. "Tuar anshóigh an fhilidheacht": an té a ghaibheas léi ní mór dá barr do bhíonn aige.

filistín(each): *f.4.* $_{7}$ *1.* aon den dtreibh a shealbhuigh an taobh theas den bPailistín. "Agus thárla ins na laethibh sin gur chruinnigh na Filistínigh a slóighte i gceann a chéile chun chogaidh do throid le hIosrael, etc." (1 Sam. XXVIII. 1).

filleadh: *f.* (*iol.* filltidheacha, fillteacha) aith-theacht; tionntughadh, iompódh, pléata, cor, casadh, roc, caisirnín, cuar, caise, lúbadh. "Nára fillte dhuit" (eascaine): thar n-ais nár thagair choidhche. "Go n-éirighidh do thuras leat a's gura fillte slán duit": thar n-ais go dtagair. An bhfuil a fhios agat cad dhéanfainn leat dá dtagadh an t-olc ceart orm chughat? – tú d'fhilleadh ar a chéile: do chasadh: mar dhéanfainn lé córda, snáthach nó téad. Imtheacht gan filleadh ort (eascaine): thar n-ais nár thagair choidhche. Is mór mar tá sé ag dul chun deireadh, sin é ag filleadh ar a chéile é: ag seargadh a's ag dul i luighead. Fásfaidh gach éinnidh lé filleadh na gréine: a teacht airís. "Is mór agat m'fhilleadh" (searbhas): is cuma leat mura dtagainn thar n-ais choidhche. Tá filleadh do thriubhais ag scaoileadh: an bun a bhíonn iompuighthe aníos. Sa bhfilleadh chaillis é: ag iompódh thar n-ais sa treó 'n-ar ghaibhis do dheinis do bhotún nó do theip ort. Droichmhianach an t-éadach san, na filltidheacha go léir atá ann ón mbáistigh: caisirníní: crapadh: ruic. Bead ag filleadh ar mo dhúthchas féin airís: ag teacht thar n-ais ameasc mo mhuinntire féin. Ambliadhna ní chuirfead díom an múchadh marbhthach so ar m'ucht bíonn sé ag filleadh a's ag aith-fhilleadh orm: ag teacht 'sag imtheacht go mion a's go minic. Táir ag filleadh uait féin: ag aontughadh, teacht liom (linn etc.): ag stad den slighe atá fút agus ag cromadh ar an slighe cheart. Slán go bhfilleadh dhúinn: go gcastar ar a chéile sinn airís. Chun fillte ar an scéal ó chiainibh: chun tagartha airís de: chun casta air. Budh bhreágh an aghaidh atá uirthe mara mbeadh an filleadh gránda 'n-a srón: cor, cuar. Chuir sí an gunna glaice i bhfolach i bhfilltidheachaibh a cuid éadaigh: fés na hiompaidheachaibh: ins na háiteannaibh go raibh sé anuas ar a chéile. Ar fhilleadh na baise bhí an uain mhór fharraige briste isteach 'on bhád: iompódh bháis: go grod. Ar fhilleadh na súl bhí sé imthighthe as mo radharc: crapadh: sileadh: luighe. Seo, táim ag filleadh do choda ort a's ní bheidh a thuilleadh cainnte agat: ghá thabhairt duit thar n-ais. Tuicéad fillte ar Áth Cliath: dulta agus teachta. Tá sé imthighthe ó fhilleadh: marbh: gan aon dul go deó airís air. Cuir an t-iarann ar mo thriubhais chun na bhfilltidheach do bhaint as: na ruic: na háiteanna go bhfuil sé crapuighthe. Bain na filltidheacha as do dhrom: dírigh tu féin: dein rud éigin gur fiú é. Tá filltidheacha feóla 'n-a mhuineál lé cothuightheacht: ruic: "dromanna". Níl cuma shláinteamhail air, an bhfeacaís na filltidheacha atá fé n-a shúilibh: an croiceann atuighthe 'n-a fhíogaibh. Bhíodar idir fhilleadh agus fhanamhaint: neamhchinnte cad dhéanfaidís. Ag filleadh orm an galar so do bhíonn: ag teacht airís agus airís. Cuir filleadh it chuid gruaige a's ná bíodh sí ar sileadh leat soir siar: casadh, pléata, cor ar chor. Rólag do ní fhéadfainn aon fhilleadh do bhaint as: aon chor do chur de: bogadh ná. Rug sé gan choinne agam ar bhrollach casóige orm agus bhain filleadh

gránda, grod asam: casadh, iompódh. Sin falla go bhfuil filleadh ann: ná fuil díreach. Dubhairt sé liom an plainín d'fhilleadh: do chasadh anuas agus tímcheall ar a chéile go gasta. Dubhairt sé liom an bhó d'fhilleadh dho: í do chasadh 'n-a threó féin. Muinntir an dá tighe ag filleadh ar a chéile airís: ag déanamh athchoidrimh. B'fhada scartha ó chéile iad ach táid ag filleadh: ag teacht chun a chéile i muinnteardhas. "Is maith an filleadh é sin" (rádh): teacht thar n-ais go slán, buacach tréis gnímh mhaith. Bír ag filleadh (abhaile) uait féin: ag teacht ar t'ardhannachaibh: ag atharrughadh dréir an chirt: ag géilleadh.

filleasc: *f.3.* cor, filleadh, pléata, crapadh, roc. Cuir filleasc eile den éadach air: casadh eile: timcheall. Cad chuir na filleasca go léir id chasóig, ní mór an t-iarann do chur uirthe: ruic: caisirnínidhe. Tá filleasc san adhmad san: gairbhe: neamhmíne ar a uachtar. Cúl síos go sála uirthe a's filleasca ann: pléataidhe: cuir.

fillim: *b.a. 7 n-a.* casaim, iompuighim, lúbaim, pléatuighim, cuairscim, camaim: tagaim, casaim, iompuighim, cúitighim, cúbaim. "Fill orm", ars an drochghnóth: an rud ná bíonn déanta i gceart nó 'n-a chruinne ní mór cur chuige airís. "Is maith a imthigh a's ná fillfeadh" (seanfhocal): an té go mbeadh réim mhór fé ag fágaint do is minic bhíonn sé ar nós chách i gconntabhairt ná tiocfadh choidhche airís: gur lé n-a bhás a imthightheann. Fill orm go fóill: tabhair dot aire me óir tá rud éigin i bhfeidhil a ráidhte agam. "Imtheóchad" – "imthigh a's go bhfillir maran ort atá an deabhadh" (searbhas): go dtagair chugham. "Slán agat" – "go bhfillir slán" (deaghghuidhe): go raibh do thurus éirightheach leat. "As allus do ghruadh íosfair arán, nó go bhfillir chun na talmhan, óir is as do baineadh thu; óir luaithreadh thu agus chun luaithridh a fhillfeas tu" (Gen. III. 19): a raghair thar n-ais. "Fillidh anois an uile dhuine agaibh ó n-a dhroichshlighe" (Ieromiah XVIII. 11): tagaidh ar an aiste go rabhair roime seo. Fill an plaincéad: cas tímcheall ar a chéile, ar a lánleathadh é. Fill an plaincéad ort féin: cas tímcheall é mar dhéanfá chun codlata. Fill an t-ím i mbilleóig ghabáiste: cas istigh innte é. Fill ar chroideamh do shinnsear: tar air: tair thar n-ais air (mar a rabhais cheana). In ionad ruda éigin do dhéanamh is amhlaidh d'fhill sé a ghéaga: chuir treasna a uchta fé n-a osclaibh. D'fhill sé a ghéaga 'n-a tímcheall lé cion uirthe: chuir thar a droma iad. Ná bac san, mhuis, leig do féin, fillfidh san abhaile uaidh féin: tiocfaidh ar a adhrannachaibh: tiocfaidh ciall do a's atharróchaidh. Ó! an boladh a bhí uaidh, d'fhilleas (uaidh) lé n-a bhréine: chúbas chugham. "Caith cárta eile chugham" – "bí foidhneach fillfead ort": gheóbhad chughat leis. Bí deimhnightheach go bhfillfead do chuid mhacánta féin ort, in airgead nó i luach: go dtabharfad ar ais: go gcúiteóchadh leat é. Níor filleadh riamh aon leabhar do thugas ar iasacht: níor cuireadh thar n-ais chugham. Fill ar an rud san a thuit uaithi: téighir siar agus beir leat é. Ní fiú puinn é, ní fhillfinn air: ní chromfainn chun a thógtha. D'fhill an táilliúir a ghlúine fé: chas fé iad go raibh a dhá chois fé n-a thóin: chrap. Dhein sé olc orm nár fhilleas riamh air: nár agras. Fill ort féin: stad, machtnuigh ar cad tá déanta agat: tá dearmhad éigin déanta agat agus leasuigh é. Fill ar do sháil anois: gan dul a thuilleadh cas tímcheall agus éist, nó dein so nó súd. Ní rabhas ach dulta ann nuair glaodhadh orm a's d'fhilleas ar mo sháil: troigh eile ní dheaghas ach casadh. Seadh, is oth liom é ach níl aon leigheas air, a's eagal liom ná fillfeam ar a chéile choidhche airís: ná buailfeam lé chéile. Fill le chéile an dá bhlúire sin: cuir i ndaingne a chéile iad. Suidh, fill do sheólta: cas ar a chéile iad: dein do shos. "Agus fillfear ar a chéile iad mar bhrat agus beid ar n-a

gclaochlódh, acht is tusa an neach céadna agus ní rachaidh críoch ar do bhliadhantaibh" (Eabhraigh I. 12): casfar anuas ar a chéile.

fillte: *a.r.* casta, iompuighthe: tagtha thar n-ais, dúbalta: bailighthe isteach ann. Táir fillte: tagtha thar n-ais. Na báid fhillte a fuair an dalladh: a chas lé heagla nó de dhruim ruda éigin. Sid iad na fir fhillte: atá tagtha thar n-ais ó éacht éigin, nó a chaith casadh ar an aithbhealach. Is maith fillte atá na stocaidhe sa bheartán: casta, curtha lé chéile go taiscightheach. Chuireadh an tseanbhean a cuid airgid fillte i bpáipéar isteach i bpollaibh fallaidhe a's clathach: an páipéar casta tímcheall air. An dóigh leat ná go bhfuil an bheirt fillte ar a chéile airís (beirt leanán, beirt a bheadh in arad lé chéile, etc.): tagtha chun tláithínteachta: muinnteardhais. Is maith liom a chlos go deimhin féin go bhfuil an tsláinte fillte ort: tagtha thar n-ais ort. Fear na ngéag bhfillte!: an t-iománaidhe maith ar an gclaidhe: an té ná deineann faic ach bheith ag fagháil locht. Fillte istigh ionat atá an bhitheamhantaidheacht: 'n-a codladh: is ródheacair í do chur asat. Bainfead-sa asat amach an leisce atá fillte istigh id chnámhaibh: ceangailte go dlúth, doimhin. Tá an croiceann fillte fé n-a shúilibh, an-dhroch-chómhartha: logartha: casta.

filltín: *f.1.* filleadh, iompódh beag. Tháinig filltínidhe id chneas dá ghiorracht do bhís id luighe: d'imthigh an mhíne: tháinig riastaidhe a's claiseacha. Cuir filltín i gciumhais an éadaigh d'fhonn a's ná scothfaidh sé: iompódh beag isteach ar dá ciumhais. Filltínidhe ag teacht ionam leis an aois: an cneas ag crapadh ar a chéile.

fineadhach: *f.1.* duine clódhchaiseach, a chuireas go tighearnamhail chun ruda a thaidhbhsigheas rómhaith nó rómhuirearach do: duine nó ainmhidhe beag, A leinbh, maran tú an fineadhach agam teacht sa tuile bháistighe seo: nách ceanndáine, tighearnamhail. "Féach an fineadhach", adéarfí lé duine nó ainmhidhe beag go dtógfá ceann de. Ó! a ghrádh gil, déanfaidh sé scrios, an fineadhach!: an duine seo go bhfuil faobhar an domhain air chun ruda éigin do dhéanamh. Cá bhfuairtheas an fineadhach cait?: caitín. Nách é an fineadhach é, a bhuachaill: an duine nó an t-ainmhidhe beag a ghníos rud go maith. Finidhigh na himirtheóiridhe sin, an uile dhuine aca: fir mhaithe gan tuairm dóibh.

fíneáil: *b.2.* suim airgid do híoctar mar chúiteamh nó mar dhuaidhnéis as: éiric: eineachlann. Cuireadh chúig phúint fíneála air i dtaobh briste achta an ólacháin: chaith sé an tsuim sin d'íoc as gan an dlighe do chóimhlíonadh. Cuirfead-sa fíneáil d'áirighthe ort-sa mara smachtuighir tú féin: díolfair as liom ar shlighe atá ceapuighthe agam. Pingin fíneála ní dheaghaidh air: tháinig sé saor glan. Gearradh deich scillinge fíneála orm: an dlighe a dhein san.

fíneálta: *a.r.* tanaidhe, leice, mín, sár-shnoighte, bruindighthe. Táir ró-fhíneálta tréis an chatha breóidhteachta san chun gabhála amach fén ngaoith fós agus fós eile: leice, éidtreórach. Sreang chómh fíneálta san gur dhóigh leat go dtuitfeadh sí as a chéile ach do mhéar do bhualadh uirthe: tairngthe chómh mín lé síoda. Capall ró-fhíneálta do thrucail a's do chéachda seadh é, dhéanfadh sé a ghnóth fé chóiste: gan an toirt cheart ann d'ualaighibh troma. Buachaillín fíneálta cruaidh: éadtrom, caol. Éadach fíneálta atá air gheóbhadh sé fuacht ann: gan aon dus ná tathnag.

fíneáltacht: *b.3.* leiceacht, tanaidheacht, mine, sár-shnoighteacht. Ní leigtí ar scoil é san aimsir fhuar lé n-a fhíneáltacht ar eagla go bhfaigheadh galar a bháis as: leiceacht: neamhthathnag: tanaidheacht: neamhchosaint síne. Gheóbhaidh an t-éag trí fhíneáltacht an éadaigh sin ionat: éadtruime: ceal cosanta lé n-a thanaidheacht. Ar eagla go mbrisfinn an snáithín lé n-a fhíneáltacht bhíos aireach air: a chaoile a bhí sé tairngthe. Fíneáltacht na hoibre gréise atá ar an mbrat do chuirfeadh an t-iongadh ort: a shár-shnoighteacht, míne: gach cor den obair éadtrom, snasta.

fíneamhain: *b.2.* plannda fiodha go bhfasann silínidhe air: an silín féin. "Ní bheidh aon triopall ar an bhfíneamhain" (Ieremiah VIII. 13): crobhaing fíneamhan ar an bplannda féin. Ag saothar i bhfíneamhain an Tighearna: fíonghort. "Agus do thosnuigh Naoi ar bheith 'n-a chriadhaire agus do chuir garrdha fíneamhna" (Gen. IX. 20): bláth, caor fíneamhna. An fhíor-fhíneamhain: an plannda ceart, cóir.

finéigir: *b.2.* leann searbh a fachtar as ghéarughadh fíona, béorach agus ceirtlíse. "Tum do ghreim sa bhfinéigir" (Rut II. 14). "Mar finéigir dos na fiaclaibh" (Seanráidhte X. 26): chómh searbh san. "Annsan ar ngabháil na finéigre d'Íosa adubhairt sé, "tá sé ar n-a chríochnughadh agus ar gclaonadh a chinn, thoirbhir sé a spirid"" (Eón XIX. 30).

fíneóg: *b.2.* míoltóigín díoghbhálach do mhín, phlúr etc., frig, frighdeóg, péistín. Blas ar an mín sin, bhí na fíneóga ag gabháil di. D'ith na fíneóga an cháis: na péistínidhe.

fíneógach: *a.* go mbíonn fíneóga, péistínidhe ann. Cáis, mín, plúr fíneógach.

fínín: *f.4.* duine de Chumann Discréideach do cuireadh ar bun chun Sasana do throid d'éirigheadar san mbliadhain 1867. Cómhraiceóir chómh maith lé haon Fhínín dob eadh é: throid sé go cródha. Na Fínínidhe.

finne: *b.4.* dath idir bhán agus ruadh; áilne: breághthacht. Níl sí ruadh ach tá finne innte: néal bhán. Bíonn finne i dtreabhachaistidhibh na dtíortha tuaiscirt go léir: gileacht: lainnear: deallracht: bán-bhuidheacht. Riamh ní fheaca finne a cneasa ar aon mhnaoi: gileacht: breághthacht: áilne. Seadh, chonnac an fhinne chugham sa ród: an áilne: an bhean áluinn: an bhean go raibh an lonnracht 'n-a cneas. Is ar fhinne mhuinntir na Fionnlochlainne: táid mós fionn: néal lonnrach, gheal 'n-a bhfolt a's 'n-a gcneas. "Bláth bhán na finne" (amhrán): áilneacht na háilneachta. Budh thaithneamhach an fear é nuair bhí sé i bhfinne a óige: i mbláth. An té go mbíonn finne na hóige aige bíonn tabharthas aige: bail, beannacht ó neamh. Is annsúd do dhearcas-sa an fhinne: an bhean fhíor-áluinn: lán-mhaiseamhail. Sin fear nách maith leis finne i mnáibh, is fearr leis duibheacht: téadh-bhán-ruadhacht.

finneach: *f.1.* duine a saoghaluightear san bhFionnlochlainn: finn-ghein. Bhuaidh na Rúisigh pic ar na Finnigh, mo thruagh: Lochlannaigh fhionna.

finne-bhean: *b.* bean fhíor-áluinn, stuaire cailce. “Is annsúd do chonnac-sa an fhinne-bhean áluinn fhionn/ go raibh a gruadh mar an luisne/ ’sa gile mar bhláth na n-ubhall/ d’fhág sí siúd mise/ a’s níor leig sí mo shláinte liúm”.

finne-gheal: *a.* an-gheal ar fad. Cneas finne-gheal: an-gheal a’s néal fhionn tríd. A chuid dóirse finne-gheala: glé fé thaithneamh na gréine.

finne-ghile: *b.4.* gléineacht lasrach, lonnrach ghlinn. Nách ins an mbluinig atá an fhinne-ghile chómh geal díreach lé sneachtadh na hoidhche airéir: gealas lonnrach fén solas. Dá bhfeictheá finne-ghile na gréine i nDún Chaoin in árd an tráthnóna budh dhúr é do chroidhe mara gcuirfeadh sé aoibhneas air: fíoráilne.

finn-scéal: *f.1.* scéal i dtaobh na bhFiann a’s Fhinn: scéal ag trácht ar eachtraidhthibh móra grádha, guaise, cródhachta, etc. Cuir uaim an finn-scéal so ar siubhal agat i dtaobh Mhearaice, ach innis dúinn ar dheinis aon lá oibre ann: áidhbhéis le gaisce as gabháil thríd. Finn-scéal seadh scéal tóraidheachta an mhada ruaidh agus an chait fhiadhain: nár thárla ach cúmtha chun teagaisc ionnracais beathaidh.

fíoch: *f.3.* oirbhire (oiríre), buile, báinighe, confadh, luinne, cathach, dásacht. Cuireann sé fíoch ar an dtarbh bheith ghá ghriogadh, bheith ag búirthigh fé nó éadach dearg do chrothadh leis: fearg, cuthach, béiceach a’s réabadh talmhan a’s adharcáil. Leis na bliadhantaibh buana bhíodh fíoch idir an dá threibh, ar gach cor throididís a chéile agus théighidís chun na dlighe: eascáirdeas géar a’s imreas. Bád ná long ní fhéadfadh a soc do chur tar béal an chuain lé fíoch na farraige, cnuic (fharraige) mhóra, ghroidhe ag briseadh a’s ag réabadh a’s ag dul anáirde go féar glas: dásacht: buile a’s fóirneart. Beidh fíoch air siúd, ní fearg in ao’chor é, mar fear rólasánta seadh é: buile gur deacair a mhúchadh. Tháinig fíoch chun a fuascalta ar an gcráin duibh chun í féin do réidhteach as an líon ach bhí an snáthach rófhillte uirthe, chuireadh sí uisce, lé gach stiall dá hearball anáirde san aer: cuthach. An oiread san fíocha ar an dá mhadra chun a chéile nár bh’fhéidir a ngreamanna do scur: bhíodar ’n-a “madraidhibh buile chun a chéile”. Fíoch Dé nár thuitidh orainn i dtaobh ár gcortha: oirbhire (oirbhire Dé, cainnt choitcheann). Bíonn fíoch tinnis air leis an ngalar uisce, chloisfeá gach aon scread aige faid na feighle: buile tinnis: dásacht: confadh: rabharta. Cuir díot an fíoch mar ná cuirir eagla ar aonne leis, agus cruinnigh pé méid céille atá agat, agus is beag é: an t-éirghe ó thalamh lé buile. Nuair bhíonn meisce air tagann fíoch bruidhne air: fonn cuthaigh chun troda. Fíoch chun oibre: imthighthe bán geal: guilm. Fíoch chun ban: fonn mór a gcumaisce.

fíoch-ionnsaighe: *f.* (*-ighthe*) ionnsaighe nó fogha dásachtach: deargruathar fé. An fíoch-ionnsaighe a dhein, a thug, an fhuireann i mbéal an bháide chun na liathróide do chur isteach níor bh’fhéidir a chosc: an sáthadh dian, eartmhar, foirtil. An Phólainn d’fhuilng na fíoch-ionnsaighthe gur gabhadh tríotha i bhfiche lá: foghanna ruathair ortha: sáthanna sanntacha, bascacha. A thúisce a’s bhuailimíd ar a chéile seo ag fíoch-ionnsaighe a chéile sinn ar eólas doimhin na Gaedhilge: ag argóint go trom, teasaidhe ’sag tástáil a chéile go tiugh, te.

fíoch-ionnsaightheach: *a.* borb, tailc, lánfhuinneamhail. Lá ar lá bhíodar ag tuargaint na cathrach go fíoch-ionnsaightheach lé gunnaidhibh móra agus d'iarraidh í do thógáil: gan aon lag ag teacht ar a n-iarracht nuair theipeadh ortha ach ag tabhairt fúithe airís gan géilleadh do dhochar ná do chonntabhairt.

fíochmhaire: *b.4.* feirgeacht, dásacht, allmhurdhacht, alltacht, gargacht, fiadhaineacht, fiadhantas. Lé fíochmhaire na farraige scéidh sí isteach fén dtalamh a's scrios roimpe fallaidhe a's cladhthacha: fiadhaine a's róneart. Chuir fíochmhaire na féachanta do thug sí air a shúile do chúbadh: an lasadh feirge a bhí innte. Ní raibh aon chómhacht fhear ar domhan a sheasóchadh fíochmhaire an ruathair do deineadh ar fhallaidhibh na cathrach: dásacht dofhulaing. Ag stracadh a's ag búithrigh gan maolughadh, gan tnáthadh don leómhan lé fíochmhaire a dhúthchais d'iarraidh an ghabhain d'fhágaint: fiadhantas. Lé fíochmhaire a mhianaigh is furaiste cur chuige: alltacht, fiadhaineacht, neamhmíne, fraoch. Ní chuireann aonne isteach ná amach air sin lé n-a fhíochmhaire: an claonadh atá aige lé dul ar buile agus a neamhmhaoile lé linn feirge. Theicheamair agus cion ar ár mailidhibh againn lé fíochmhaire na mbuillidhe: tréine agus iomadamhlacht.

fíochmhar: *a.* fiadhain-láidir, buileamhail, cuthaigh, feargach, alltach. "Óir tá sé ag méadughadh, agus tusa ghom fhiadhach amhail leómhan fíochmhar, agus airís teasbáinis thú féin iongtach orm" (Iob X. 16): allta, fiadhain. I mbaic an mhuiníl fuair sé buille fíochmhar lé cúl tuaighe gur briseadh í: dásacht: neart feirge. Farraigidhe fíochmhara aniar dtuaidh ar na carraigeachaibh ghá stialladh féin na fichididhe troigh san aer!: fiadhaine, allta. Is mairg an té a bhíos fíochmhar mar nách tabharthas fearg: an té go leanann buile fhada é a's go mbíonn díoghbhálach. Ag rith go fíochmhar i ndeireadh an ama d'iarraidh an namhaid do shárughadh sa mhám cnuic: ar nós ainmhidhe fiadhain, gan géilleadh do bhac ar bith. Rinne an gála fuadach fíochmhar sa bhaile, leag sé simnéithe, bhain an ceann de thighthibh agus d'árduigh iothlainntidhe chun siubhail: fuadach díoghbhálach. Ghoil na leanbhaidhe go fíochmhar i ndiaidh a máthar: ólagón a's liúighreach. D'éirigh sé chun fuadair fíochmhair nuair chuaidh an deoch mhearbhaill sa cheann aige: tháinig imtheacht fé mar bheadh fé ainmhidhe allta. Mianach fíochmhar ann, dá bhfeictheá é ag liúdráil asail bhoicht lé bata: cruadhálach: barbardha: garg: danardha.

fíochta: *a. n-dh.* dian-dhásachtach, cuthaigh, buileamhail: neamhcheannsa: forránta. Maitheamh ná géilleadh ní dhéanfaidís dá chéile ach fíochta in aghaidh a chéile ó éirghe go luighe dhóibh d'iarraidh díoghbhála a chéile: ar buile throm, díomasach dá chéile. B'fhíochta iad in aghaidh na mbocht a's na n-íochtarán nuair bhí an chómhacht aca: suaimhneas lae ná oidhche ní thugaidís dóibh: dian, díomasach, cos ar bolg. Ní maise don mhúinteóir do bheith chómh fíochta leis na scoláiridhibh, is amhlaidh do scannruigheann ó obair iad: leagtha lé buile do theacht air.

fíodh: *f.3.* (*fíodha, feadha, feádha*) coill, adhmad. Fiadhaire feádha, fear fartha coille etc. Coileach feádha agus cearc feádha: éanlaithe. Chaith an fharraige isteach smuthán fíodha: blúire d'adhmad coille gan ullamhughadh.

fíogach: *f.* madar éisc; fear fuilngtheach ar anródh, ar fhliuchán ar an muir. Níor fhág na fíogaigh giobal (lín) againn: stracadar a's pholladar na líonta. Tá an bheirt chómh

cosamhail díreach a's mar scéidhfeadh fíogach fíogach eile: mar "úirliceóchadh ceann aca ceann eile": mar shaoghalóchadh etc. An oidhche airéir chómh fuarnimheamhail sin a's go mbainfeadh sí an croiceann d'fhíogach: an gomh uirthe. Ní misde a rádh ná gur fíogach ceart é a's an droch-aimsir seo do sheasamh ar an gcnuga scéirdeamhail a's an chulaithirt fhíneálta atá air: duine lán-fhuilngtheach. "An Fíogach", leas-ainm d'fhear a ghaibheas trí anródh go neamhspleádhach.

fíoghar: *b.2.* (*iol.* -racha) cómhartha, dreachtán, líomadh, dealbh, deallramh, cuma, dreach, aillbhreith. Ní raibh aon lag air ach ag spalpadh diabhal, fíoghar na croise idir sinn agus é: cómhartha. I bhfíogharaidhe an chnuic díreach do chonnac é i gcoinnibh na spéarach: i bhfíor-mhullach gur anuas do gheóbhadh ar thaobh éigin dá ngluaiseadh. I bhfíoghar 'si gclódh tá sí chómh taithneamhach ion-amhairc lé mnaoi in Éirinn. Níor bh'fhonn liom dul 'n-a ghoire, mar bhí fíoghar fuatha agus feirge air: cuma go raibh gráin a's fearg air liom. Bagair na ba ó fhíoghar an ghleanna nó síos leó: scéimh. B'fhada ó bhaile an t-oileán é chun dul ann i mbád dearóil, thiar ar fad ar fhíoghar na spéarach: i mbun na spéarach: díreach mar ar dhóigh lé duine í do bheith buailte ar an spéir. Chuadhas anáirde ar an bhfíoghar dob aoirde ar an gcnoc: an chuid budh shia anáirde. Níor dhein sí ach fíoghar na gáire air, rud nár thaithnigh leis: cómharthaidhe sóirt. Is fada gur bhain sé fíoghar na croise air féin: gur choisrigh etc. Bain fíoghar na croise ort féin, téighir ar do ghlúinidhibh agus abair do phaidreacha. Cuir fíoghar an ghuirt ar an bpáipéar dom: dréachtán nó dealbh ar an gcuma atá air.

fíoghartha: *a. n-dh.* líomhtha, sínte amach i gclódh, deaghchúmtha. Cosa fíoghartha fúithe: córach, cúmtha, deaghdheilbh. Féach annso, sin an paróiste mar ritheann fíoghartha annsan agat, idir thigh, bhóthar, chlaidhe, abhainn agus uile.

fíoghrughadh: *f.* (*-uighthe*) ag dealbhadh, cúmadh, dreachadh, cómharthughadh. An aimsir seo tá na Rúisigh agus na Fionnlochlannaigh ag fíoghrughadh na nuadhtheórann idir an dá dhúthaigh: ag dealbhadh: cúmadh: dhá síneadh amach. Chaith sé an lá ar fad ag fíoghrughadh an pharóiste: ag líomhadh: ag tarrac amach cómharthaidhthe an pharóiste. Na húird mhór throma silte ag fíoghrughadh claidheamh: ghá gcur i gcruth.

fiolar: *f.1.* rí na n-éan mar gheall ar a fhad-shaoghal, a ghéar-radharc, a neart, aoirde agus luas a eitill agus a mhórcháilidheachta eile, uime sin bíonn sé mar chómhartha ríoghamhlachta agus ar shuaitheantas. Mairfidh san go saoghal an fhiolair, ní fios d'aonne atá suas cad é a aos: saoghal an-fhada. Tá sé n-a fhiolar le fiadhach airís: chun reatha: i ndán a ghnótha 'sa chúraim do dhéanamh. Is gearr go mbeidh do gharsún 'n-a fhiolar fiadhaigh: láidir a dhóthain chun a shlighe bheatha do dhéanamh. Na fiolair fhola: iad so a itheas an conablach. "Trí fir fiolar (saoghal fiolair), trí fiolair iubhair, trí hiubhair iomaire criadhthaigh, trí iomaire criadhthaigh deireadh an domhain". Saoghal an iubhair, an fhiolair 'san iomaire criadhthaigh: is iad is sia a mhaireas.

fíon: *f.3.* sughlach an tsilín géaruighthe. Fíon na haltóra: i gcóir an Aifrinn. Fíon bán: fíon geal, gléineach. "Táid ar meisce, ach ní lé fíon é" (Isa. XXIX. 9). "Ná féach ar an bhfíon an uair bhíos sé dearg" (Seanráidhte XXIII. 31). "Nuair bhíonn an fíon istigh bíonn an

chiall amuigh" (seanfhocal): "ní cheileann meisce rún": duine ar meisce ní bhíonn 'n-a chéill aiceanta.

fíonach: Fíonach! fíonach! fíonach!: glaodh ar an lachain.

fíonach: (**fíontach**) *a.* ceanamhail ar fhíon: lán d'fhíon: óltach. Ní rabhadar ar meisce ach bhíodar fíonach go leór: óltach: a ndóthain mór caithte aca. Suidh 'n-ár bhfochair, tá cuideachta fhíonach againn: cómhluadar go bhfuil fíon siar síos aca.

fionn: *a.* ar dhath idir ruadh agus bhán. An cailín fionn: go mbíonn a folt ar an ndath san. Is finne go mór na Lochlannaigh 'ná an té is finne againne: is gile an néal 'n-a bhfolt a's 'n-a gcneas.

fionn: *f.1.* an sughlach a bhíos idir an gcoirt agus an t-adhmad. Ní lasfaidh an t-adhmad go dtriomuighidh an fionn air. Ní fheadar cá bhfuil sé de chúig árdaibh na naoi bhfionn: idir cheithre hárdaibh an domhain. Tá fionn ar do shúil: ball beag bán. Bán do bhí so leis, ach níor bh'aon fhionn é: mar bhí sé fada ar nós an tsnáithín.

fionna-cheódh: *f.1.* ceódh éadtrom, beagáinín tais. Fionna-cheódh aniar a fhliuchfadh thu dá mbeifeá amuigh i bhfad fé. Lá fionna-cheóidh.

fionna-chómhartha: *f.4.* cómhartha éadtrom. Dhein sé fionna-chómhartha dhom lé n-a mhéir teacht chuige: sméideadh méire. Níor bh'fhéidir a dhéanamh amach cad a bhí scríghte ar an gcloich, bhí sé caithte gen sín a's ag faid na haimsire, ní raibh ann ach fionna-chómhartha annso agus annsúd: rianaidheacha éadtroma.

fionna-chruth: *f.3.* crutaon, aithbhreith; crot ná bíonn rómhaith. Sé an peictiúir sin t'fhionna-chruth: aithbhreith. Is it fhionna-chruth Seán: id chrutaon: mar scéidhfeá as do bhéal é. Tabhair fé ndeara an fionna-chruth atá air tréis na hoidhche ón áirneán go léir: crot a's cuma shuaidhte. An fionna-chruth a thagas ar na hainmhidhthibh i ndubhluachar na bliadhna: crot caithte, croithte.

fionnadh: *f.1.* clúmh, gruaig, an bhruth (ar éadach): bruth (ainmhidhe): gráine (adhmad): deallramh, crot. Mo lá dóighte é tá fionnadh ar an aimsir, cad bheadh gaoth Mhárta anoir dtuaidh a's cloich-shneachtadh: nimh: fuacht mar bheadh fonn uirthe na daoine d'fheannadh. An fionnadh atá ar an bhfear: an ruibe: an chuma chruaidh, fhuinneamhail. Tháinig fionnadh an diabhail féin air: cuma an mhalluighthe. Caithfir malairt fionnaidh do chur ort féin chun gnótha: cuma agus crot. Fuair sé gach aon fhocal i gcoinne an fhionnaidh: in aghaidh an ghráin: ghoill an chainnt air. Chuaidh do ráidhte i gcoinne an fhionnaidh agam: ghoirtigheadar me. D'éirigh an fionnadh ar na madraidhibh chun a chéile: d'éirigh a gcochall. Cuir an plána ar an mbilleóig i gcoinne an fhionnaidh: i gcoinne an ghráine. Ní thaithnigheann in ao'chor liom an fionnadh atá air: an chuma ghoirgeach. Bhuailfidís a chéile ar fionnadh feannaidh: ar an ruibe do bhearrfá ded leicne. Sprionnlaitheacht? bhainfeadh sé an fionnadh de mhullach do mhaoile: lom-scriosfadh sé thu níos túisce 'ná leigfeadh feóirling leat. Is breágh an fionnadh scéimhe chailín óig atá uirthe: taithneamhacht clóidh.

fionnadhach: *a.* clúmhach, bruthmhar, garbh. Madra fionnadhach: madra go bhfuil clúmh trom air. Muing fhionnadhach ar an leómhan: fada, trom. Cuimil an "speal" ded ghiall fhionnadhach: garbh, clúmhach.

fionnadh-chas: *a.* go bhfolt nó clúmh cas. A folt fionnadh-chas álainn ruadh: bachalach, cuachach. Madra gleóidhte go bhfuil a chuid clúimh fionnadh-chas: cuachach, fáinneach, casta: cocánach.

fionnadh-chrith: *f.3.* creathán cneasa: snámh-chreathán. Léim an rud amach ar an mbóthar i lár na hoidhche go hobann a's bhain preab asam gur chuir ar fionnadh-chrith me: gur bhraitheas eagla im chroidhe a ghoill orm idir fheóil a's leathar: mothóilt eaglach go raibh snámhghal ar mo chroiceann. Téidhigh thú féin leis an ngríosaigh, táir ar fionnadh-chrith: an clúmh féin ag corruighe le fuacht.

fionnaim: *b.a. 7 n-a.* bánuighim, iompuighim fionn. Ar éigean bháis a's bheatha d'aithneochainn thu d'fhionnais an oiread san, táir an-liath: d'iontrálais. Fionnann ár gclann go léir: tagann dath fionn ar a gcuid gruaige.

fionnadh: *f.* (*-nnta*) iontráil bán, aibiughadh. Seadh, tá an t-arbhar so ag fionnadh: dath buidhe ag teacht air: ag aibiughadh.

fionnaim: *b.a.* gheibhim amach, nochtaim. "Ná toigh bean ar a scéimh go bhfionnair cad é a locht/ tar éis iad do bheith dearg/ is searbh blas na gcaor gcon" (amhrán): gur feas duit: go nochtair duit féin. "Caortha cárthainn cí dearg/ adeirtear gur searbh a mblas/ nó go bhfionnaidh tú go maith cé hí/ na bí le mnaoi ar a dath" (amhrán): go mbí eólas agat. Ní indiugh na indé do fionnadh gur bitheamhnach é: go bhfuairtheas amach.

fionnaitheacht: *b.3.* eagal-chreathadh: fuil-chorruighe: uathbhás: fuath: úrghráine. Nuair chídhfeá an t-ár tréis an chatha, cuirp athchúmtha, díthghéagach, brúighte, bascuighthe, fuilteach, chuirfeadh sé fionnaitheacht ar do chuid fola: uathbhás: crith-eagla lé gráineacht a bhaineas lé cogadh: uathbhás a's fuath: mothóilt nó smaointe uathbhásacha. Cuireann an chainnt gháirseamhail fionnaitheacht orm mar ná taithnigheann sí liom: cuireann gráin ar mo chuid fola.

fionna-mhóin: *b.3.* móin go mbíonn mianach bán innte. Portach fionna-mhóna.

fionnán: *f.1.* féar garbh go mbíonn dath bán air, a fhásas trí aiteann: féar cnuic.

fionn-ruadh: *a.* ar dhath a bhíos ag iompódh geal ó ruadh. Féasóg fhionn-ruadh: gan bheith fionn a's gan bheith ruadh.

fionn-bhuidhe: *a.* ar dhath an lín. Folt fionn-bhuidhe: idir fhionn agus bhuidhe.

fionn-fhuaire: *b.4.* scáthmhaireacht ón ngréin, buige teasa, fionn-fhuacht, tonnfhuaire. Táir ag sileadh ded braonachaibh annsan fén ngréin, tair san bhfionn-fhuaire san áit go

bhfuil scáth uaithe, nó lagachar ar an dteas. D'imthigheadar isteach 'on choill ar lorg fionn-fhuaire: maolughadh teasa. Ghluaiseamair i bhfionn-fhuaire an tráthnóna tráth a bhí teas na gréine ag maolughadh. **Fionn-fhuaras; fionn-fhuaradas**.

fionn-fhuar: *a.* tonnfhuar, mós fuar, ag tarrach ar fhuaire: mall-bhog. Cuir ort an chasóg éadtrom so is í is fionn-fhuaire sa bheirbhthean teasa so: níos neamhtheódha: neamhmhúchta. Deoch fhionn-fhuar seadh beóir bhreis ar leann dubh lá brothalach: is múchta tarta a's beirbhthin. Fan go tráthnóna, beidh sé fionn-fhuar agat, mharbhóchadh teas an mheádon lae thu: beidh sé níos neamh-theódha.

fionn-fhuar: *f.1.* tonnfhuar: neamh-theódhacht: buige nó maolughadh teasa. Tiocfaidh an fionn-fhuar in árd an tráthnóna: buige: bogadh teasa. Suidh sa bhfionn-fhuar annso fé dhuilleabhar na gcrann: san áit ná fuil an teas ar fad. Budh bhreágh leat agus dhuit, leis, suidhe sa bhfionn-fhuar ar tráigh mhara lé gréine a's fionn-fhuar gaoithe ón bhfarraige: leóithne éadtrom a shuathas an teas. Nách aoibhinn sóghail é deoch den uisce fionn-fhuar an tobair sin lá spalltach: fuar, bíodhgach.

fionn-fhuaradh: *f.* (*-rtha*) do mhaolughadh an teasa, maolughadh: fuarthan ó theas nó ó thuirse. Suidhfeadh annso go raghaidh fionn-fhuaradh orm, tá m'fhéitheanna ar leathadh lé teas a's allus: maolughadh beirbhthin a's aithbhíodhgadh meanman. Caitheann "laethanta breághtha" a n-aimsir ghá bhfionn-fhuaradh féin ar an dtráigh: 'n-a luighe i leóithne na mara do choimeád an teasa uatha féin. Deoch fhionn-fhuaradh fíor-uisce lá na gréine a's an teasa: a ruaigfeadh an teas a's a aithbheódhfadh an spirid.

fionn-fhuaruighthe: *a.r.* aithbheóidhte ó ghoilleamhaint an teasa: teasmhaoluighthe. Tá an tráthnóna fionn-fhuaruighthe gen leóithne gaoithe sin, budh mhór an beirbhthean atá ón ngréin ó mhaidean: maoluighthe, laguighthe, dulta chun fuarthain. Deirim leat anois go mbrathaim fionn-fhuaruighthe go maith gen ndigh fhuair sin: an teasaidheacht cuirp a leanas teas na gréine.

fionn-ghlas: *a.* idir bhán agus ghlas. Farraige fhionn-ghlas: an dath chómh bán lé cubhrán ar bhriseadh don bhfarraige trí ghlaise aiceannta na mara.

fionnóg: *b.2.* corróg. An fhionnóg ghlic: is deacair teacht suas léi is árdbhitheamhnach í.

fionnraighe: *b.4.* ar tí, fairitheóireacht, d'fhanamhaint nó d'fhanacht in ionchas le rud ar feadh i bhfad: curtha, inneallta ar tí beartha ar rud éigin. "Is fada le fear fionnraighe é" (seanfhocal): an té a bhíos ag súil lé rud agus ag feitheamh brathann sé an aimsir an-fhada, an-leasc. Arm Shasana agus na Frainnce ar thaobh agus arm na Gearmáine ós a gcoinne a's iad ar fionnraighe: ag faire caoi tabhartha fé chéile: gach taobh ag faire a's ag feitheamh lé n-a gcómhspairnidhibh. Líonta fionnraighe: líonta a bhíos ar ród go dtéigheadh iasc ionta [líonta coraidheachta: a bhíos ag imtheacht lé sruth a's gaoith]. B'fhada ar fionnraighe dulta ann é gan aon chao d'fhagháil: ar tí. Bhímís ar fionnraighe oibre ó ló go ló a's gan aon fhuascailt ag teacht orainn: ag iomchar. Tá fir fionnraighe ag faire an chósta againn ar eagla réabtha ár neódarachta: feighlidhthe.

fionn-scoth: *b.3.* bláthbhán in aoirde láin fásta. Tá sí n-a fionn-scoth: áluinn in aoirde láin.

fionn-scothach: *a.* bláthmhar. Gach aon rud go fionn-scothach: ar seógh an domhain.

fionntar: *f.1.* guais, anacra, priacail. Fear misneamhail a raghadh i bhfionntar a anama chun duine eile do shaoradh ó bhás: i gconntabhairt a chaillte: i nguais a mharbhtha. B'fhuraiste dho dul annsúd, b'é an dul gan fionntar é: gan chonntabhairt: treis díoghbhála nó dochair. Barra méire ná buail ar an lóchrann nó anuas do gheóbhaidh tá sé "ar thapa de bhfionntar (ar an bhfalla)": ar a luighead teangmhála thuitfeadh. Ná téighir i bhfionntar an tairbh nó b'fheidir go mbeifeá 'n-a aithreachas: i gconntabhairt trí bheith i bhfoigse dho.

fionntrach: *a.* conntabharthach, neamhmhuinighneach, dána. Falla fionntrach gan taca do chur leis: i gconntabhairt a thuitthe. Buachaill fionntrach a thug a aghaidh ar mhórán áiteann chun a bheatha a shaothrughadh gan aithne aige ar neach ann: dána: gan dochma tabhairt fé ghuaisibh.

fíontach: (**fíonach**) *a.* tugtha d'ól fíona, ag baint lé fíon: óltach. B'fhíontaighe i bhfad agus i bhfad ár sinnsear 'ná sinne, d'fhéachaidís lé chéile cé is mó d'iomcharóchadh de: budh cheanamhla a's budh thugtha dho. Ní dhearbhóchainn go raibh sé ar meisce ach bhí sé fíontach a dhóthain, mar bhí groga ann: óltach: ar bog-mheisce.

fíon-úir: *b.2.* an crann nó plannda go bhfásann an fhíneamhan air. An gort nó an gáirdín 'n-a bhfásann an fhíneamhan. (Nílim ag tagairt é seo "Bhaile na bhFinn-Iubhrach" .i. fionn is iubhair ag bun Chnuic Bhréanainn). "Baile na bhFíonúrach". Ag saothar i bhFíon-úir an Tighearna. "Agus ar dteacht don tráthnóna adeir Tighearna na Fíon-úire lé n-a saoiste "goir an lucht oibre agus tabhair dhóibh a dtuarastal, ag tosnughadh leis an ndream a tháinig fé dheireadh go soithe na céaddaoine"" (Matha XX. 8).

fíor: *a.* gan bheith mícheart ná earráideach, aontach leis an bhfírinne: saor ó bhréig, ionnraic, dílis, dearbh, beacht, cruinn, cóir. Tiocfaidh mo chainnt-se fíor fós, bain an chluas so dhíom-sa: an rud atá dhá rádh agam tárlóchaidh. "Buaidhfidh an Ghearmáin" – "gura fíor duit": go dtuitidh san amach. "Go marbhuighidh an diabhal é, cad bhí air a's a lithéid d'amadántaidheacht do dhéanamh" – "nára fíor duit, an fear bocht": nára imthighidh aon tubaist air. "Beidh an cháin ag éirghe más fíor do Sheán": má tá an ceart aige. Níor thárla don ráfla, mar is gnáthach dá lithéid, do bheith fíor: ceart: bréag dob eadh é. Is fíor dhuit sin, a dhuine chroidhe istigh gurb é dóthain aonne aire do thabhairt dá chúram féin: tá an ceart ar fad agat. Cainnt fhíor dob eadh í, féach gur mar adubharthas do bhí: go raibh an ceart innte. An airgead fíor é sin? – tá glór balbh aige: dílis, dearbh: gan bheith bréagach: airgead ceart, dlistineach. Is fíor lé rádh gurb é an fear is macánta sa cheanntar: ní bréag é. Téighir ar mhuinghin t'anama leis, duine fíor seadh é nár cham ar neach riamh: dílis: seasamhach, ionnraic. An bhfuil an tómhas ceart go fíor agam?: beacht, cruinn: gan fé na tharais. Achmhusán go fíor do a rádh gur cladhaire t'athair, mar nár bh'eadh: gan aon amhras ar bith. An fíor nó bréag é siúd do chuala id thaobh?: an bhfuil sé i gceist nó ná fuil? An madra an t-ainmhidhe is fíre lé fagháil: is dílse agus is

ceanamhla. Creidfidh agus tu, ní fíre leis siúd an sagart 'ná thu: tá cómhmhuinghin na macántachta aige asat. Deirtí, má b'fhíor, gur mhairbh sé duine: má b'é an ceart é do rádh. "Tá a mhalairt de mheas agam-sa orm féin ná dul in earraid lé rud gan mheas air féin mar thusa" – "is fíor é" (a deirtear go minic lé searbhas): tá an ceart ar fad agat-sa. Dubhairt sé go dtiocfadh sé, b'fhíor do: do tháinig. Bead ann go fíor: gan teip. Níl an stríoca san tairngthe fíor agat: dréir mar budh cheart. Gheóbhair mise fíor fós: tiocfaidh an lá agus foillseófar gurb í an fhírinne a's an ceart atá agam. is mise an Dia fíor: ceart: ní haonne eile ach me. "B'fhearr liom gurbh fhíor duit é": go dtárlóchadh mar adeirir nó go mbeadh cheana. Sin scian ná fuil fíor: díreach nó déanta mar budh cheart. Fill ar an gcreideamh fíor: an creideamh dréir mar bhunuigh Dia é. Cara fíor: duine dílis, seasamhach.

fíor: *f.1.* rud firinneach, dlistineach, beacht, ceart, ionnraic, seasamhach. "Ní abrann fearg fíor" (seanfhocal): nuair bhíonn fearg ar dhuine is cuma leis cad deir sé. An rud atá cloiste agam déanfad fíor nó bréag de sara dtugaim aon bharamhal air: fionnfad dom féin connus mar tá – mar tá ráidhte nó a mhalairt. Tá sé leathta air, ach go háirighthe, go bhfuil sé chun na dlighe do chur orm – más fíor bréag: más inchreidte é mar scéal. "Canann meisce nó fearg fíor" (seanfhocal): an rud a bhíos dhá bhrughadh ar a chroidhe go foidhneach ag duine ar chéill amach leis lé linn meisce a's feirge.

fíoradh: *f.* (*-rtha*) cruthughadh, cóimhlíonadh, dearbhadh nó deimhniughadh tuairme, fírinne ar n-a thástáil nó a fhromhadh. Chuadhas ann go bhfeicfinn lém shúilibh cinn an rud a bhí cloiste agam agus a fhíoradh dhom féin ar cheart nó mícheart é: a fhionnadh: a dheimhniughadh. Tá an udhacht agam mar fhíoradh gur agam d'fhág sé a raibh aige: mar chruthughadh. Fiche fíné ag fíoradh go raibh sé dathad míle ó láthair na cortha ar uair a déanta: ghá dheimhniughadh trí dhearbhadh. B'fhada tréis bháis a mhic gur bhraith sé fíoradh na tubaiste do thárlaidh dho dhá dhruim nuair ná raibh cabhair ná saothar aige ach é féin: meabhrughadh: a braithstint go dochaiseach: mothughadh dearbhtha. Airéir taidhbhrigheadh dom go rabhas i sochraid i bhfad ó bhaile agus sin é fíoradh mo thaidhbhrimh: cuireadh an té sin a fuair bás in Aimeirice fé ghuidhe an phobail indiugh: mo thaidhbhreamh amuigh.

fíoraim: *b.a.* cóimhlíonaim, cuirim i gcrích, deimhnighim, dearbhuighim do bheith ceart. Ar feadh an lae ar fheórainn an chnuic dúinn ar ár ndícheall d'iarraidh an namhaid do chosc ag súil lé cabhair, cabhair nár fíoradh: nár meabhruigheadh: nár tháinig chun cinn. "Acht tugaidh bhur ndearbhráthair is óige chugham-sa; mar sin fíoruighthear bhur mbriathra agus ní bhfaightear bás. Agus do rinneadar amhlaidh sin". (Gen. XLII. 20). Fíoruigh do chuid maoidhte a's ná bím ag éisteacht leat: teasbáin dúinn lé solaoid go bhfuilir in acfuinn é do dhéanamh. Seadh, tá sé i gcarcar anois aca ar bhréig-fhiadhnaise – tiocfaidh an lá fós go bhfíorfar an fear san a's ná beidh smál ar a chlú: go bhfoillseófar go soiléir ná raibh sé cionntach. Níl aon tarngaireacht dá ndeárna Dia nár fíoradh: nár cruthuigheadh do bheith fíor mar thárluigheadar. Fíoruigh an chainnt adubhrais gur mheathtach mise, cathain chonnaicís me ag obadh mo dhualgais?: deimhnigh é. Déanfaidh an buachaill sin árd-fhear mar is é clódh atá air é, fíorfar mo ráidhte leis an aimsir: cóimhlíonfar: tárlóchaid go ndéanfaidh.

fíor-: *réamh-mhír* dearbh, iomlán, sár, ró-, an-, iongtach, beacht.

fíor-achrann: *f.1.* achrann, dul trí chéile, imreas do-réidhtighthe. Is beag maitheas bheith d'iarraidh síothchána do dhéanamh idir na cómhachta anois a's é 'n-a fhíor-achrann eatartha, ar mhuir, ar tír a's ins an aer: casta, tranglálta, ná féadfadh bheith níos measctha. An doradha i bhfíor-achrann: casta, ceangailte ar a chéile.

fíor-achrannach: *a.* lán de chonstaicidhibh: ró-aimhréidh, an-throdach. Fear fíor-achrannach ná féadfadh bheith i gcuideachtain gan bheith i muineál dhuine éigin: rócheanamhail ar bheith ag bruighean. Talamh fíor-achrannach nách féidir do threabhadh, clocha, préamhacha, sceithe righin: constaicidhe an domhain uile ann.

fíor-ádh: *f.1.* ádh ceart, amach 'samach. Fíor-ádh ar an bhfear gcéadna cheithre háthraighe go raibh sé ortha is a súngcáladh b'é an t-aon duine a tháinig saor é: ádh ná beadh ar mhórán: sár-ádh. Dein toil Dé a's beidh fíor-ádh leat: éireóchaidh leat go hiongtach ar gach slighe. Fíor-ádh cártaidhe air: buaidheann ortha. Fíor-ádh a bhí leis a's an bhean áluinn sin d'fhagháil: cinneamhain thairbheach.

fíor-adhbhar: *f.1.* cúis cheart. Fíor-adhbhar an chogaidh seo éirghe cómhachta na Gearmáine a's ní hé imshníomh Shasana a's na Frainnce do chosaint a's cumhadach beag-thíortha: an fáth bunaidh, ceart leis. Is agat, a dhuine, atá an fíor-adhbhar feirge chuige mar is minic é ghod bhuaidhreamh: cúis cheart.

fíor-aice: *b.4.* athchomaireacht ghrod. Tiocfad it fhíor-aice lé cion mo chroidhe ort: i ngiorracht isteach le. Bhíos i bhfíor-aice an mhullaigh nuair b'éigean dom filleadh: nách mór ar barr. Níor mhaith an rud do shláinte na ndaoine buailtidhe aoiligh bheith i bhfíor-aice na dtighthe le boladh: luighte isteach leó.

fíor-áidhbheirseoir: *f.3.* diabhal críochnuighthe, ainscian uathbhásach. Fíor-áidhbheirseoir aníos ó ifreann é sin, go maithidh Dia dhom a rádh leis, ná fuil teóra lé n-a bhóithribh: drochdhuine críochnuighthe. Fíor-áidhbheirseoir garsúna ná fanfadh socair dá mbeadh sé ar neamh: garsún róchrosta: diablóir ceart.

fíor-aighneastóir: *b.4.* órádaide beartha, déanta, sár-líomhtha. Deirtear gur bh'fhíor-aighneastóir é, go mbíodh an oiread chómhachta aige ar a lucht éisteachta a's go gcuireadh sé ag sileadh deór iad nó i bhfonnsaidhibh gáiridhe, díreach mar budh mhian leis: órádaidhe aiceanta. Fíor-aighneastóir i gcúirt: cainnteóir líomhtha gonta.

fíor-ainm: *b.2.* ainm dhlistineach, cheart. Ní fíor-ainm leas-ainm: ceart, dlistineach, bunaidh. Leanbh toghartha é, ní Ó Dálaigh a fhíor-ainm: ainm cheart.

fíor-aithne: *b.4.* aithne iomlán. Is agam-sa atá an fhíor-aithne air sin agus sin í an aithne mhacanta: aithne ar gach cuma: eólas ar gach rud a bhaineas leis.

fíor-áluinn: *a.* breágh, snasta amach 'samach. Tráthnóna fíor-áluinn meala: breágh, ciúin, socair, a chuirfeadh aoibhneas a's subháilceas ar an gcroidhe.

fíor-aoibhinn: *a.* sár-aoibhinn, sár-shóghail. Is fíor-aoibhinn an ball é seo, sléibhte árda maordha, leicneacha glasa, muir chiúin mharbh, oileáin so-amhairc: gur bh'áil lé súil a's croidhe é. Is fíor-aoibhinn liom do chuideachta: taithnighir thar barr liom.

fíor-bhacach: *a.* an-bhacach, bacach gan dúmas. Ní bacach atá an duine ach fíor-bhacach le n-a shaoghal is dócha: bacach agus gan aon leigeant air ach an oiread.

fíor-bhalbh: *a.* balbh ar fad. Duine fíor-bhalbh é seo ar nós na cloiche: gan aon éisteacht.

fíor-bhalbhán: *f.1.* balbhán ceart. Léan ort, a fhíor-bhalbháin, nár oscail do bhéal a's do cheart d'agairt: duine róthamáilte. Fíor-bhalbhán é siúd: balbhán ó shaoghalughadh.

fíor-bhéal: *f.1.* tosach ceart. I bhfíor-bhéal na bliadhna: céad laetheanta d'Eanáir. Níor cuireadh an corc thar fíor-bhéal an bhuidéil, a's nidh nach iongadh thuit sé: ar an bhfaobhar díreach. Na péaca ag teacht i bhfíor-bhéal na cré: díreach ghá dteasbáint féin.

fíor-ghrádh: *f.3.* grádh nó cion thar barr. Fíor-ghrádh Dé: an grádh is dílse, is seasamhaighe 'sis teódha. Lé fíor-ghrádh dá thír ní raibh dochma air bás d'fhagháil di: grádh mór ar son na tíre féin. Nách fíor-ghrádh di do bheir do gabháil léi trí huaire tréis a thréigthe: grádh iomlán gan fáth pearsanta.

fíor-ghar: *a.* an-gheairrid, an dhlúth. Duine fíor-ghar é sin dom, ár sean-atharacha an bheirt dreathár: an-ghaolmhar. Bí i bhfíor-ghar don áit go stadann an gluaisteán a's tógfar thu: buailte leis. I bhfíor-ghar don mhaidin: an-gheairrid.

fíor-ghar: *f.1.* athchomaireach, foigse. Cómhnuigheann an fíor-bhitheamhnach úd i bhfíor-ghar dom, nidh nách fearrde mé: i mbéal dorais nó i ndlúth-athchomaireacht dom. Mo thuairm féin, ach nách aon dochtúir me, go bhfuil an fear san i bhfíor-ghar an bháis: in aice: buailte leis: i mbéal bháis. Tair i bhfíor-ghar dom go gcloisead thu mar táim an-bhodhar: druid isteach go maith liom.

fíor-íochtar: *f.1.* an bonn nó an bun thíos ar fad. Tuargnadh lé pléascáin ón aer an long, rinne dhá loma-leath dhi a's shúngcáil go fíor-íochtar na farraige: go grinneall. An diabhal atá i bhfíor-íochtar ifrinn níl sé maith a dhóthain do: is sia síos. Bhaineas amach an droichmhianach as fhíor-íochtar a phutóige: mar a raibh sé ceangailte go doimhin 'n-a aigne a's 'n-a chroidhe.

fíor-aithrighe: *b.4.* brón nó athtuirse ar son ruda éigin a bhíos déanta nó ná bíonn a's gur cheart: brón ar son peaca agus a leasuigheas an bheatha: lánchathughadh agus lánchúiteamh. Ag fagháil bháis do dhein sé a lán-aithrighe, chúitimh sé le cách a raibh air agus bí aithreachas a's crádh ceart air i dtaobh feirge do chur ar Dhia. Níl uaim d'eaga saoghail anois ach fíor-aithrighe do dhéanamh lé Dia a's duine: cúiteamh lé cách agus croidhebhrughadh lé Dia.

fíor-chaoin: *a.* an-lághach, sár-mhiochair, árd-chineálta. Ní feictear fáth t'fheirge labhras go fíor-chaoin leat gan faic do rádh a chuirfeadh spuaic ort: an-chneasta: an-chaomh: an-mhín. Bí go fíor-chaoin leis mar tá sé tamáilte: ná habair a's ná dein aon rud a chorróchadh é: an-shocair: an-chineálta. Mar dhuar, cuireadh fíor-chaoin fáilte rómham: fáiltidhe geala, grádhmhara.

fíor-chuisle: *b.4.* an phríomh-fhéith. Gearradh na fíor-chuislidhe ann, is dócha mar thug sé fuil a chroidhe: na príomh-airtéiridhe fola.

fíordhacht: *b.3.* an fhírinne ghlan, dílseacht, cóir. Dá gcreidinn go mbeadh aon fhíordhacht ag baint léd gheallamhaintidhibh níor leath liom rud do thabhairt ar iasacht duit: dílseacht: comhall do ráidhte. Buadhadh fíordhacht a bhuannachta ar an dtalamh leis sa chúirt: ceart a's cóir éilimh. An rud adeir sé ní bhíonn aon fhíordhacht ann, níor cheart d'aonne géilleadh dho: pioc den bhfírinne ná ceart.

fíor-dhílis: *a.* lán-dilis, tortaobhach, seasamhach, buan-dhíreach. Fir Seachtmhaine na Cásca na fir a bhí fíor-dhílis dá dtír, a throid a's a fuair bás go neamheaglach di: gur bh'fhéidir iontaoibh do chur asta go muinghineach. Bhí na mairtírigh fíor-dhílis do Dhia, fuaireadar bás ar a shon agus ar shon a chreidimh: ní chuirfeadh aon rud ortha é do thréigean. Má gheall sé dhuit cóimhlíonfaidh sé, mar tá sé fíor-dhílis: daingean i leanamhaint geallamhna, dualgais ná na fírinne. Choidhche ní raghadh san i gcoinnibh aonne, tá sé fíor-dhílis: iontaobha: rócheanamhail ar an gceart do leanamhaint. Cara fíor-dhílis ná teipfeadh ar chumha ná ar chleas. Adhmad fíor-dhílis ná déanfadh tuireasc ná tuagh beart air: cruaidh, fuinnte, gur deacair a ghearradh ná a scoltadh. Sa sciain sin go bhfuil an béal fíor-dhílis ná casann a's ná tagann mannta innte: ceartfhaghartha.

fíor-ghéar: *a.* an-ghéar, an-fheicseanach, lán-thuigseanach. Dochtúir fíor-ghéar eisean ní túisce d'fhéach sé orm nár d'aithin sé cad bhí orm, rud a bhí dulta d'fhiche dochtúir roimis: an-eólgaiseach: pras-inntineach. Fiche bliadhain ó chonnaic sé me im gharsún bheag a's nár bh'fhíor-ghéar uaidh me d'aithneamhaint: an-ghéarchúiseach.

fíor-ór: *f.1.* ór glan, gan aon mhianach eile thríd. An ghrian ag dul fé chómh buidhe lé fíor-ór: chómh buidhe a's d'fhéadfadh do bheith. Fáinne fíor-óir (órdha).

fíor-scoth: *b.3.* an chéad rith, an chuid is fearr, rogha. An lá fuairis í fuairis fíor-scoth na mban: rogha: bean iongtach ar gach cuma go maidean ambáireach. Cuireadh ón nGaedhaltacht cuid aca go fíor-scoth na Midhe: an chuid is saidhbhre agus is torthamhla. Phriocfadh sé féin fíor-scoth na ranna chuige agus d'fhágfadh sé an dream eile ar chuid na gcat di: an chuid dob fhearr. Ní dhéanfair aon dearmhad dul ar a thaobh - d'fhíor-scoth na ndaoine seadh é: den gcuid is dílse agus is buansheasamhaighe. Árduigh leat an fhíor-scoth a's ná bí ag gearán ná faghair comhthrom: rogha a's togha bíodh agat.

fíor-shláinte: *b.4.* sláinte iomlán, cheart. Bhur bhfíor-shláintidhe, a cuideachta, a's go mbeiridh an Cháisc orainn a's céad Cáisc níos fearr 'ná í: sláinte. Mhair sé go raibh an-aosta bhíodh fíor-shláinte i gcómhnaidhe aige gan breóidhteacht ná gearán: togha sláinte. T'fhíor-shláinte!: fé thuairm togha sláinte do bheith agat.

fiorthann: (**fiorthan**) *f.1.* féar garbh cnuic. Níl féar ná fiorthann ann: aon tsaghas mar seo ná mar siúd.

fíor-tharngaireacht: *b.3.* fáistine do cóimhlíontar. Ní fheadar an fíor-tharngaireacht Chuilm Cille: an réamh-innsint í do fíorfar lá éigin. Duine dob í go raibh fíor-tharngaireacht aice: an rud a deireadh sí thuiteadh sé amach.

fíor-uisce: *f.* uisce ceart, glan, úr amach as an dtalamh. Tobar fíor-uisce. Deoch d'fhíor-uisce an deoch cheart d'aonne. "An té ná hólann ach fíor-uisce ní bhíonn sé ar meisce" (seanfhocal).

fios: *f.3.* (*feasa*) (*iol.* feasa) eolas, tuairisc, giota eolais, teachtaireacht, aithne, aireachtaint: ealadha, eolas fáistine, eolas doilbhthe. "Dá mbeadh fios ag duine bheadh leigheas aige" (seanfhocal): eolas fáidhe: eolas diamhaireachta: sheachnóchaimís conntabhairt: dhéanfaimís aire den bhfógairt. "Is ag duine féin is fearr fios cá mbíonn an bhróg ag luighe air" (seanfhocal): is do is mó is eol. "An bhfuil a fhios agat cá bhfuil an tsráid?" – "níl (a) fhios" – "ná raibh fios do shaoghal agat!" Tá a fhios agam cá bhfuil Áth Cliath, ach níl aon eolas agam air: is féidir liom d'innsint duit go cruinn cá luigheann sé ach ní fhéadfainn a shráideanna, a dhaoine ná aonnidh mar sin do chur síos duit. Bean feasa: go mbíonn eolas foluighthe aice: rudaidhe le teacht is féidir léi fáistine do dhéanamh ortha. Aon amhras ní raibh ag aonne go raibh aithne aige urithe ná go raibh fios aice: go bhféadfadh sí rudaidhe foluighthe ar an gcoitchiantacht nó a bhí lé teacht d'innsint. Teastuigheann fios fátha gach aonne uait anois, ná teastuigheann?: eolas cruinn ar chonnus mar thárla gach aon rud. Bíodh fios do bhéas agat i ngach áit dá ngeóbhair: iomchair tu féin. Dá mbeadh fios a bhéas aige bheadh béal dúnta aige: cathain budh cheart nó nár cheart do labhairt. Tabhair fios mo leasa dhom, ní fheadar cad is ceart dom do dhéanamh: tabhair cómhairle mo thairbhthe dhom. Tair dom fhios lá éigin, beidh fíor-chaoin fáilte rómhat: ar mo thuairisc: ar cuaird chugham. D'fhios cé bhí sa tseómra so d'oscail sé an doras: go bhfaigheadh amach. Cloisim go bhfuil sé 'n-a luighe raghad ar a fhios (dá fhios): ghá fheicsint agus féachaint connus tá aige. Níl (a) fhios ag aonne ach (a) olcas atá sé: tá gach aonne dall air. Ní bheinn-se ag foidhneamh leat, bíodh a fhios agat: chuirfinn in iúil duit. Tá a fhios ag Éirinn (gen saoghal) ná beinn ag éisteacht leat: chuirfinn in iúil duit a's 'n-a luighe ort é. Och, a Dhia! ní fheadraís an rud atá a fhios gen saoghal. Ní heól cad thárlaidh, táim fós gan fios: dall. Goideann sé i bhfios a's i gan-fhios – ós árd agus ós íseal: ós chómhair an tsaoghail a's fé thóin. Cuireadh i bhfios dom, nuair bhí sé ródhéidheannach agam, gur galar marbhthach a bhí orm: cuireadh in iúil dom: innseadh dom: fuaireas eolas air. Cuirtear i bhfios do ná féadfaidh sé pé rud is áil leis in ao'chor do dhéanamh annso: i bhfidhis air: tugtar lé tuigsint do. In aonfhios do-san níl sé ann: maidir leis an méid eolais nó taithighe atá ag eisean air. Is ag Dia féin atá a fhios an tinneas a's tuargaint do chuir an lámh thinn sin orm-sa .i. bhíos-sa ag fulang i ngan fhios d'aonne. Sin é an meid is fios n-a thaobh, gur marbhuigheadh é, ach connus a's cé dhein ní fheadair neach: is eól: go bhfuiltear deimhnightheach de. Cá bhfios le Dia ná go dtiocfadh saoghal maith orainn sara bhfaghaimís bás: ní fheadar aonne connus bheadh an t-ádh orainn. Dá mbeadh a fhiosa san agam-sa, go raibh airgead aige, is fada go dtabharfainn déirc do: dá mbeadh a thuairisc agam. Cuirtear fios ar an ndochtúir chugham

brathaim ag dul chun deireadh: téightear ag triall air. Go gcuireadh Dia fios air ní fhéadfadh sé an chainnt do thuigsint: choidhche: go lá dheiridh a shaoghail. Tá a ghnóth san déanta, mise annso agus a fhios agam: is mise gur féidir liom san do chruthughadh. Fan leat mara mbuadhann an Ghearmáin, mise annso agus a fhios agam: eolas áithrighthe agam-sa ná fuil ag neach eile ach agam féin, féin. Is maith an té go bhfuil a fhios aige cad tá ar aigne Shéamais anois: rún seadh é: budh dheacair é do nochtadh uaidh. Cá bhfios duit an bhfuil sé nó ná fuil sé ann? Cá nó connus gheóbhfá-sa eólas? Tá a fhios ag Dia mór na Glóire go bhfágfad iad lé holc chúcha: dearbhuighim é. Is beag dá fhios agat connus chaithid a saoghal: níl aon choidreamh ná taithighe agat ar a slighthibh. Leig sé air mar dheadh gur beag dá fhios a bhí aige go rabhas ag teacht, ach fios maith aige air: ná raibh a luighead eolais ná éachtainte aige air. Chómh maith agus is maith liom Dia d'fheicsint ní raibh a bheag ná a mhór d'fhios agam go mbeadh orm bheith ann: a luighead eolais agam air. "Níl spirid ná púca gan fios a ghnótha féin" .i. go minic nuair is dóigh linn imtheacht ait do bheith fé dhuine bíonn a chúis féin aige leis. Suidh annsan agus tabhair fios fátha in aghaidh an scéil dom: innis dom cruinn díreach tríd síos: cruinn-eolas i dtaobh a chirt (fírinne) nó a mhíchirt (neamhfhírinne). Go bhfios d'aonne nílir annso i bhfolach: cúnntas ná fuil ag neach. Éisteócad-sa ós agat-sa atá an fios go léir: ní tairbhe dhómh-sa bheith ag áiteamh ar fhear chómh heólgaiseach leat-sa. Ná dein aonnidh i gan fhios ar aonne: ná buail bob air: ná goid uaidh. Ar mh'anam go bhfuilim dall ar a ghnóthaidhibh, níl fios ná tuairm agam 'n-a dtaobh: fiú amháin ní fhéadfainn breith amhrais do thabhairt. I bhfios dúinn go raibh airgead aige thairng sé deascán mór aníos as a phóca: chun a dheimhniughadh dhúinn. Muna mbeadh an méid sin feasa, bheinn gan fios: eólas: léighean. Nách mór atá a fhios uait cá bhfuilim ag dul: tá sé ag cur mearbhaill mhóir ort. Nách maith a theastóchadh a fhios uait anois cad é mo chúram: nách mór an tinneas atá aige ghá chur ort. A dheamhan fios ná fas do bainfí as dá mbeifí ghá cheistiughadh go lá an luain: aon tásc, tuairisc, ná eólas. Mara mbeadh go bhfuair na gardaidhe fios éigin tímcheall an raice ní thiocfaidís choidhche ag lorg asta féin: tuairisc, cunntas. Cá bhfuair sé an fios go léir atá bailighthe isteach 'n-a cheann, gur thug sé an oidhche ag trácht go léigheanta ar mhíle rud: eolas. "Ní fios do dhuine ó indiugh go dtí ambáireach": níl neach deimhnightheach de cad thárlóidh do ón nóimint go dtí an uair. Bhí a fhios ag mo chroidhe gur mar sin do bheadh: bhraitheas go láidir ionam féin é. Ní fios cathain bhí sé annso, idir éigean is cuimhin liom é: an-fhada ó shoin. Fios ná fáisnéis ní bhfuaireas air go raibh sé ródhéidheannach: a bheag ná a mhór de thuairisc. Níl an oiread fios aice ar léigheamh a's go n-aithneóchadh sí na leitreacha: an oiread dul amach: eolas. "Bhíos ar mo dhícheall a's má theip orm cá raibh mo leigheas air" – "tá a fhios san": is fíor san. Tá a fhios san (a fhiosa-san) gen ndúthaigh: fóirleathanadamhail. Ní cuid budh lugha 'ná a fhios a bhí agam go bhfaighinn bás lá breágh éigin, agus mar sin do cothuigheas mo mhisneach: b'eól dom go maith. An b'shin a bhfuil dá fhios agat?: an bhfuilir chómh dall san air? Táim ag dul go dtí cléireach an tsagairt chun fios mo bheartha d'fhagháil uaidh: cunntas ar an uair do saoghaluigheadh me. Bhí fios a fheádhann go maith agam a's a rian air do sheachnuigheas me féin air: eólas cruinn ar a imtheachtaibh a's a gheámaidhibh. Ní thógfaidh aonne ceann díot, is fadó riamh d'imthighis ó fhios a's aithne na ndaoine: gan tásc ná tuairisc ort. Cad a chuir tusa ó fhios bhreis ar aonne eile: gan eolas do bheith agat. Éirigh as, ní fhéadfá fios do bhaint as, tá sé ródheacair (glic, etc.) dhuit: tuairisc, cunntas, eolas. "Cá bhfuilir ag dul chómh déidheannach so?" – "ar fios ruda do dhearmhadas": ar lorg: ag triall ar. Dá mbeadh fios

do chúraim agat, ní hé sin saghas abalála do dhéanfá: eolas connus theacht air. Paidear ná cré d'aifreann ná órd beannuighthe, ní fheadair mar gheall ortha, níl fios ar Dhia aige: ní heól do é do bheith ann nó más eól níl eolas cleachta aige ar dhlighthibh Dé. Tá fios curtha go Corcaigh agam ar bhád: tá curtha ag triall agam uirthe. Cuir fios go B'l'Áth Cliath a's gheóbhair an saghas bróg atá uait: cuir teachtaireacht ann. Ní haon ghiolla mo lithéid é sin agat tá "fios aitheanta a chreidimh" go maith ag an mbarránach: ní gábhadh dho aonne ghá mhúineadh ná ghá spriogadh. D'imthigh sé gan fios a thuairisce: gan aon phioc cunntais. Bíodh a fhios agat, mo bhuachaill mhaith, ná beinn-se "ag scughadh gheitridhe" dhuit ná d'aon teallaire mar thu: tabhair fé ndeara ná beinn ag foidhneamh leat. Éirigh as, nílir i ndán é do dhéanamh, níl an neart i bhfios ná i gan fhios agat: tá do dhícheall déanta agat agus breis. Níl sé i bhfios ná i (n)gan fhios ionat: níl aon mhaith ionat. Fios atá uait?: ar bior chun eolais d'fhagháil ná baineann leat. Tháinig fios ó Sheán orm: cuir Seán tuairisc nó teachtaireacht chugham teacht ag triall air. Ní fios me cá ngeóbhad anois, táim dall amach: ní fheadar in ao'chor. "Ní fios cá ngeóbhaidh an fiadh anois": deirtear so nuair bhíonn duine i bponnc, nó nuair bhíonn duine i ngrogaidhibh imeartha a's nách feas do cad é an cárta ceart lé caitheamh. Ag tabhairt fios na háite do atáim: ag ríomh do connus gheóbhaidh eolas ann.

fiosach: *a.* eolgaiseach, ar eolas, cliste, múinteach. Is fiosach dom go bhfuil an bás im ghaor: tá eolas agam air. Go fiosach do ní fheadair sé ann ná as duit: chómh fada a's chuaidh a eolas air. Is fiosach é 'n-a dhochtúir mhaith: sin í teist atá air. Ceárdaidhthe fiosacha dhá chur ag an nGearmáin 'on Rúis chun a mhúineadh dhóibh sin sár-innill do dhéanamh: eolgaiseach. Fiosach a dhóthain do chun a chúraim, ach go bhfuil róleisceamhail: cliste go leór. An bhfuilir fiosach ar chaitheamh lé gunna?: eolas cruinn agat connus. Ní fiosach dom an focal so: ní fheadar cad é an chiall nó brigh atá leis.

fiosamhail: *a.* eolgaiseach, cliste, ealadhanta. Dá mbeinn chómh fiosamhail ar an saoghal an tráth san agus táim anois thabharfainn breis aire dhom féin: chómh heolgaiseach. B'é an pileóit b'fhiosamhla ar an gcuan é, tugtí gach beart ghuaiseach do: budh chliste chun luinge do thabhairt i gcaladhphort. Oibridhe fiosamhail é sin ar inneallaibh: eolas cruinn aige ar connus iad do chur i bhfeidhm. Fíor nó bréag, tá sé ráidhte gur fiosamhla saighdiúiridhe na Gearmáine ar chath do chur 'ná aon dream eile: gurb ealadhanta iad chun dulta i dtreó troda agus a cur go buacach.

fiosrach: *a.* gnóthach ar lorg cunntas, ceisteamhail, lorgach. Nách fiosrach ataoi anois go mbeadh eolas agat cad a thuillim sa tseachtmhain: ceisteamhail: imshníomhach ar son feasa do bheith agat. Tóg do lámh as mo phóca, nách fiosrach ataoi léi: cuarduightheach d'fhios cad do bheadh ann. Chómh fiosrach san do gur fhiafruigh sé an cat is an madra: imshníomhach, gnóthach i dtaobh eolais d'fhagháil. Goideadh earraidhe as shiopa éigin, a's tá na gardaidhe go fiosrach 'n-a dtaobh: go dícheallach ar lorg cunntais. Breac éigin thíos an-fhiosrach tímcheall mo dhubháin gan puinn fonn dulta suas air: infhiúchach, braithteólach. An duine glic ní bhíonn fiosrach i dtaobh gnóthaidhe ná baineann leis: tugtha do cheistiúchán. An-fhiosrach dóibh i dtaobh m'ainme, mo ghnótha ag baile, mo chúraim san áit seo: fiafruightheach thar mar is béasamhail.

fiosracht: *b.3.* cúramacht ag taighde i ngnóthaidhibh a's i mbeartaibh chách: ceistiúchán caoraidheachta, lorgaireacht míbhéasach. D'fhiafróchadh sé dhíot an rud budh dhíscréidighe ar do chroidhe lé barr fiosrachta: tart chun cúram daoine eile. Raghadh san dathad míle ar lorg scéalta lé fiosracht an duine: an dúil ghránda chun rud d'fhagháil amach: an t-imshníomh míbhéasamhail chun eolais d'fhagháil ar chúrsaidhibh ná baineann le duine féin.

fiosrughadh: *f.* (*-uighthe*) do chur tuairisce nó cunntais, lorgaireacht, cuaird do dhéanamh: gairm: fáth cuairde. Raghadh ghá fhiosrughadh, agus budh mhaith an ceart dom, mar tháinig súd ar m'fhiosrughadh-sa nuair bhíos tinn, breóidhte: ar cuaird a's ar thuairisc a shláinte. Bean lághach, muinnteardha a bhíos ag fiosrughadh gach aonne: ag fiafraighe 'sag cur tuairisce sláinte a's baile na ndaoine. Cuireadh fiosrughadh ar mhuinntir na tuaithe bailiughadh isteach 'on bhaile mhór chun a ngreánta do chur in iúil: gairm. Slán mo chómhartha d'imthigh licadhail a theangan uaidh de dhruim, a's deireadh daoine gur fiosrughadh ó Dhia é, ach bíodh tosach na breithe ge-sean: díol, cúitimh ó neamh.

fiosruighim: *b.a.* cuirim eolas, fiafruighim, tugaim cuaird air. Fiosruighimíd go minic a chéile, táimíd árd-mhór: tagaid sin chun ár dtigh-ne a's téighimíd-ne chun a dtighe sin. D'fhiosruigh an dochtúir é trí huaire in aon ló, mar bhí sé i ndeireadh na feide: thug sé cuaird air d'fhios connus bhí aige agus friotháilt do dhéanamh air. D'fhiosruigheas, ach ní bhfuaireas tuairisc: chuireas cunntas ruda nó duine éigin. D'fhiosruigheas féin den spéirbhean: d'fhiafruigheas di. Fiosruigh a ainm 'sa shloinne: fiafruigh: cuir a dtuairisc: ceistigh.

fiosruighthe: *a.r.* cuaird tugtha ar, scrúduighthe, ceistighthe, fiafruighthe. Is minic, minic fiosruighthe agam é cá raibh sé nó connus do bhí sé, ar dhaoinibh ón gceanntar san gan aon tuairisc d'fhagháil uatha: curtha 'n-a dhiaidh agam: fiafruighthe 'n-a thaobh. "An rabhais ar thuairisc an phúncáin fós?" – "anois díreach atáim ag filleadh a's é fiosruighthe agam": cuaird tugtha agam air. Dar mo lámh duit, is maith fiosruighthe do bhí mo phócaidhe i rith na hoidhche, ná raibh cianóg ruadh ar maidin ionta: cuarduighthe lé haghaidh slada. Níl faill ó Chnoc Bhréanainn go Ceann Sléibhe i bhfarraige ná go bhfuil fiosruighthe aca ar lorg ubh: gabhtha tríotha, cuarduighthe, séirseálta. Anois díreach atáim fiosruighthe gen ndochtúir, fuair sé go bhfuil cluasa mo chroidhe lag: scrúduighthe.

fiosruightheach: *a.* scrúduightheach, infhiúchach, fiafruightheach i mbeartaibh chách. B'fhiosruightheach an gnóth dhuit an cófra san d'oscailt agus gabháil tríd gan buannacht agat chuige: ciúirialta: séirseálach. Ná tuig gur fonn le bheith fiosruightheach atá orm má fhiafruighim díot cá bhfuil do ghnóth anois?: dúlmhar in eólas chúrsaidhe chách. Tóg as san é sin ó shúilibh fiosruightheacha: súile gur mhian leó dearcadh agus scrúdughadh cruinn do dhéanamh. Beidh an dochtúir an-fhiosruightheach i dtaobh na slighe gur thárlaidh an tubaist seo dhuit agus ná ceil faic air: beidh an uile mhion-eolas uaidh.

fiosruightheacht: *b.3.* ciúirialtacht, caoraidheacht, dúil tuairisce a's eolais. Ní fhéadfadh sé fanacht amach ón dtarbh gan bheith ghá mhíon-scrúdughadh gur thug seisean péac do a mhairbh é, sin é a bhí de dheascaibh a fiosruightheachta aige. Dúil mharbhtha i

gcúrsaidhibh ná baineann linn: caoraidheacht. Bhodhair sé me ghá fhiafruighe so a's súd díom id thaobh go dtí go ndubhart leis dul in áit éigin eile lé n-a chuid fiosruightheachta: dúil eolais id chúrsaidhibh. Díol ceart na fiosruightheachta neamhthor: an rud a bhíos tuillte ge duine fiosrach an cluas bhodhar a's teanga bhalbh.

fiosruightheóir: *f.3.* ceistightheóir, cuardaidhe, fiafruightheóir. Théigheadh an oiread san fiosruightheóiridhe ar mo thuairisc a's me san ósbuidéal gur chuir an dochtúir cosc lé n-a leigeant isteach: cuardaidhthe: cuairteóiridhe. Fiche fiosruightheóir annso indiugh id dhiaidh: daoine a bhí ar do lorg péaca ar theasthuighis uatha nó nár theastuighis. Fiosruightheóir an-dhian dob eadh é, chuir sé rudaidhe orm ná raibh aon eólas ná clos agam ortha: ceistightheóir.

fíothal: (**píothal**) *f.1.* abhach, suarachán (i dtoirt), aon rud dearóil, deireadh an áil (banbh, etc.). Na fíothail sin ní thógadh Éire iad, bíd mion, lag, leice: na hóga deiridh. Cad é an diabhal atá ar an gcailín breágh, sláinteamhail, slachtmhar san a's a lithéid de phíothal geimhridh do phósadh?: suarachán fir, gan neart ná dus. [Bíonn píothal (fíothal) olc go leór, ach ceann geimhridh, monuar!] Tháinig rud éigin air as a óige a's dhein fíothal de, a's d'fhan ar an gcuma thruaillighthe sin: suarachán i stalca: mheath an fás fé. I lár na foraoise thángamair ar aicme ghorm fíothal ná raibh an fear budh mhó aca os chionn cheithre troighthe: abhaigh: treabh stalcuighthe fáis.

fir: *gein. ar "fear"* Tranglálaidhe fir, go mórmhór ar meisce dho ná bainfeá tú féin as a chrúcaidhibh i rith na gile gréine: connstrabhálaidhe: fear clamparach. Meisceóir fir, meisceóir salach fir féin: póitire aindeis. "Duine uasal fir seadh thu", ars an tseanbhean leis an té a thug a shuidheachán di sa charra sráide: fear béasamhail, preabamhail. An bhfeacaidh aonne an saghas fir seo agam-sa? (go ceanamhail): mo chéile. Gadaidhe, (báirseóir, amadán etc.). Is tú an t-amadán fir is mó ar dhá chois a's bheith ag caitheamh do choda ar mhagóiridhibh fear: amadán dearg ag lucht fonmhóide. Adhbhar maith fir, cnámhach, scafánta: buachaill go bhfuil an déanamhas ann. Conablach fir de bhacach dhíomhaoin: leadaidhe gan chrích, gan maith. Fuair sí togha fir ionat: fear rí-mhaith.

fír-bheagán: (**fíor-bh.**) *f.1.* cuid shuarach, suarachas, beagáinín bíognach. Fír-bheagán céille atá agat a's do lámh do sháthadh san uisce geire-fhliuchaidh sin: luid chéille. Nuair sháisigheadar iad féin fír-bheagán a bhí agam-sa: dríodar nár bh'fhiú a áireamh. Táim ar fhír-bheagán airgid tréis mo choighchis in Áth Cliath: cuid bheag, bheag. Ní mór an caitheamh i ndiaidh bídh aige, dhéanfadh an fír-bheagán é: tomhaltas beag. Fír-bheagán seóil a dóthain tá neart gaoithe ann: giobal beag. Is fír-bheagán atá ar an gcnámh agat: níl aon fheóil ort: luime.

fíre: *f.4.* fírinne, dílseacht, dáiríre, ar dháil do bheith ceart nó fíor. Dá mbeadh fíre ag baint leis, mar leigeann air go bhfuil, labharfadh sé Gaedhealaing ar gach cao, rud ná deineann: dáiríre: comhall a theangan. Ní maith cur in aghaidh na fíre: dáil dhearbh aonnidh: soiléire nách féidir do shéanadh. (**fíreacht**)

fíréan: (**fíoraon**) *f.1.* duine ionnraic, díreach, macánta, neamh-urchóideach. Fíréan seadh é, an duine bocht, caitheann sé a shaoghal ag paidireóireacht, nó neachtreacha cladhaire

breágh: fear fíor-mhaith, fíor-chráibhtheach. Á! budh mhacánta, carthanach an buachaill é, fíréan má b'fhíréan aonne riamh: duine gan smál, gan peaca. Ná spriog anois me, an dóigh leat gur fíréan me ná pógfainn thu?: neach ná déanfadh peaca. Féach é, á! dheara mhuise, cuma an fhíréin ar an allfraits: an duine ionnraic: nár chás duit, dar leat iontaoibh t'anama do chur as. "Go dtugaidh Dia cabhair agus cóngamh i gcómhnaidhe dhúinn a's go dtugaidh Sé an suaimhneas síoraidhe d'anamachaibh na bhfíréan a chuaidh rómhainn": na daoine toghtha: iad súd a rinne a ndícheall dlighe Dé do chóimhlíonadh.

fíréanach: (**fíoraonach**) *f.1.* ceart, ionnraic, duine díreach neamh-urchóideach. Thug sé breith fhíréanach ar an gcúrsa, go raibh gach taobh a bhí in earrad sásta: cóir: neamhchlaon. An uair ná réidhteóchaidís leat dhein sé an rud dob fhíréanaighe d'fhéadfadh a dhéanamh a chuid féin d'árdach leis a's iad d'fhágaint lé n-a dtoil: cóir, ceart. Níor chás duit do chuid do bheith choidhche fé chosaibh an duine fhíréanaigh sin a's níor bhaoghal do: ionnraic. Daoine fíréanacha gan cam 'n-a gcroidhe d'aonne: neamh-urchóideach.

fireann: *a.* mascalach, feardha, magarlach, cruaidh, fuinneamhail den gcineál a gheineas óga: gníomhach, bríoghmhar, iomlán. Deineadh amadán fireann díom ameasc na sráideann deóranta ag dul amugha ar gach aon chor: críochnuighthe. Is fireann an chuma gnótha atá air, luath, tapaidh, neamhdhochmhail: gníomhach, fonnmhar, déantach. Chuir sé go fireann chun mé do leagadh lé cor coise a's me ag rith roimis amach: go fiadhain, dícheallach. Deirir ná fuil aon chlann air, is ait liom san, tá clódh fireann a dhóthain air: deallramh feardha: ná fuil aon mháchail air. Ar bhfeicsint na tórach ag druideam leis do chuir sé dhe go fireann: go fuinneamhail: mar dhéanfadh fear go mbeadh sár-lúth 'n-a chnámhaibh. Idir fhireann agus bhaineann, beag agus mór, caithfidh sibh fágaint: fear, bean, buachaill, cailín óg, aosta. Bheirim don diabhal an paróiste idir fhireann is bhaineann!: a bhfuil de dhaoinibh ann. Chómh fireann chun saothair agus bhí sé i mbláth a mhaitheasa: fonnmhar.

fireannach: *a.* leis an mball feardha, mascalach, feardha: beó go mbeadh an ball geinte ann. "Níl fireannach agaibh", ars an fear go raibh an strán air ná go ndéanfainn dhá loma-leath dá dhrom!: fear ná buachaill. I rith i ndiaidh fireannach atáid na baineannaigh seo, mo thuairm: mná ar lorg fear. Budh mhaith an fireannach é tamall, budh dheas liom an fear a chuirfeadh an ball air ar aon tslighe: fear bríoghmhar, déantach ar gach cuma. Tháinig breis airéir oraibh, bail oraibh, fireannach nó baineannach: leanbh mic nó leanbh inghine. Má tá fonn ort éirghe leat caithfir cur chuige níos fireannaighe 'ná bheith id shliasta codlata go meádhon lae: níos mascalaighe: goth an fhir do bheith ort.

fireannacht: *b.3.* feardhacht, cineál feardha. Tá sé gan fireannacht .i. gan feidhm cumaisce. Is beag an támáilteacht air siúd, tá a mhalairt d'fhireannacht ann: cáilidheacht fir gan locht na máchail.

fíréanta: *a.* dílis, fíor, ionnraic, ceart, cóir. Duine fíréanta é sin ná cuireann bréag ná scéal ar neach a's ná fuil cuid aonne aige: díreach: ionnraic. Leig don nduine fíréanta a's na bí ag cur droch-rud 'n-a cheann: saonta, neamh-urchóideach. Sé teist a bhí air go raibh sé chómh fíréanta lé sagart na paróiste: díreach, macánta, ionnraic. Má tá aonne fíréanta

tá sé sin, níor airigheas riamh faic dhá dhéanamh aige ach an mhaith: naomhtha. “Is fearr an beagán atá ag an nduine bhfíréanta ná saidhbhreas mórán de dhrochdhaoinibh” (Sailm XXXVII. 16): an duine cóir. “An chainnt fhíréanta a thagann uaithe budh dhóigh leat uirthe ná deárna sí suainseán ná cúlchainnt riamh: cainnt nósamhail, bheannuighthe.

fíréantacht: (**fíréandacht**) *b.3.* ionnracas, naomhthacht, dílseacht. “Óir adeirim libh, muna sáruighidh bhur bhfíréantacht-sa fíréantacht na scríobhaidhe a’s na bhfairisíneach ná rachtí isteach sa bhflaitheas neamhdha go bráth” (Matha V. 20): ionnracas iomchair ar n-a fhagháil ó riaghail an chreidimh. Dá mbeadh fíréantacht an Phápa ionam ní fhéadfainn foidhneamh leó a’s le n-a gcuid itheam gearram: macántacht a’s caoineas. Fíréantacht na ndaoine do chongaibh an creideamh beó in Éirinn, ní fuláir: naomhthacht.

fír-imtheachtacht: (**fíor-imtheacht**) *b.3.* clódh seólta, cuma nó deallramh ceart éascaidh, éascaidheacht, taithneamhacht gluaiseachta. Anois, agus ní go dtí so, atá an fír-imtheachtacht fén ngluaisteán, gan groga gan stad ach ar nós an tsíoda: gluaiseacht cheart. Sin duine a thaithnigheann go mór liom, tá fír-imtheachtacht an fhir fé, an seasamh cródha atá aige a’s an chéim lúthmhar, deallramh nó crot ceart. D’fhiosruigh Georaing, an marascal, falla Soigfríd agus chuir an fír-imtheachtacht a bhí ar gach aon rud ann glionndar ar a chroidhe: an chuma go raibh gach aon duine a’s rud ar siubhal go mín gan bac. Bail ó Dhia ar do chapall a’s nár fheicidh aon drochshúil é tá fír-imtheachtacht fé: cuma a’s deallramh capall mhaith ’n-a scéimh a’s ’n-a ghluaiseacht.

firín: (**feairín**) *f.4.* fear bíognach, donán fir, abhach. Leig don bhfirín bhocht (lé garsún leinbh) .i. bíodh truagh agat do. Firín seóigh seadh thu .i. chuirfeá aonne ag gáiridhe.

fírinne: *b.4.* dearbhacht, an rud a bhíos fíor – in aghaidh bhréige: an nidh a thagas lé fíre nó dearbhacht: foillsiughadh fíor, deimhnightheacht, dílseacht, díre, dírighe. Idir tú agus Dia inns an fhírinne: Dia mar fhíné ort an ceart gan chor, gan chlaon d’innsint. Sí an fhírinne ghlan agat, ná fuil fiacha únsa tobac agam: gan bhréig ná éitheach. “Bíonn an fhírinne buan”: i ndeireadh dála foillsigheann an fhírinne í féin agus bíonn an buaidh aice. “An maireann t’athair?” – “ní mhaireann, tá sé “ar shlighe na fírinne” leis na bliadhantaibh”: marbh, ar shluagh na marbh. Sin é béal na fírinne agat, ná creid neach eile ach é: an té ná hinneósfaidh aon bhréag. “Is minic gur sia théigheann an bhréag ’ná an fhírinne”: is minic gur claoine cách chun droichscéil ort do leathadh ’ná an scéal ceart. Dá mbeadh sé déanta as an bhfírinne ní chreidfinn focal uaidh tá an oiread san droichiontaoibh agam as: dá mhinicighe a innsfeadh sé an fhírinne: mo thuairm-se go gclisfeadh ort aon am. Ní creidtear an fhírinne ón nduine bréagach: an té gur galar air bheith ag innsint bhréag tugtar cluas bhodhar do nuair bhíonn an ceart aige. “Féach, iarrann tu an fhírinne taobh istigh agus in áit foluighthigh d’fhoillsigh tú críonnacht dómh-sa” (Sailm LI. 6): ionnracas, glaine. “Ar an bhfírinne is córa an rath do bheith”: budh cheart gur b’í an dílseacht agus comhall an nidh chirt gurb ortha bheadh an t-ádh. “Óir do tugadh an reacht trí Mhaois, acht tháinig grása agus fírinne trí Íosa Críost” (Eóin I. 17): teasbánadh diadha. “Adubhairt Íosa leis ‘is mise an tslighe agus an fhírinne agus an bheatha; ní thig aon duine chun an athar, acht tríom-sa” (Eóin XIV. 6): foinnse an ionnracais. D’innseas corp (agus) lár na fírinne go neamh-eaglach, neamh-náireach gur bh’Éireannach me agus ná troidfinn do Shasana: an rud a bhí ar m’aigne. Thugas dóibh

an fhírinne ó thóin ceann: glan, díreach mar bhí. Is fearr seasamh ar an bhfírinne i gcómhnaidhe: dul i dtreis dearbhachta: gan cor, claon ná bréag d'innsint. I bhfírinne don bhfear eile ní fhéadfainn a mhalairt do rádh: i ndílseacht. Dá mbeadh an fhírinne ag roinnt leat ní hé sin do dhéarfá, mar is maith is eól duit gurb í an bhréag í: dá mbeadh díreacht agus macántacht ag baint leat. Ní bhfuaireas fírinne tómhais bhí sé siar dhá chloich: beachtacht: cuimse: cruinneas. Tá an stríoca (líne) sin as a fhírinne: as a díreacht: cam: claon. "Bíonn an fhírinne searbh go minic": ní maith linn ár lochtaidhe ná ár gcionnta do chur in iúil dúinn. "An fhírinne roimh aonnidh": ní maith ná ní cóir an bhréag a néas díoghbháil. Bíodh sé 'n-a fhírinne nó 'n-a éitheach, ní fheadar-sa céaca, mar ná rabhas ar an saoghal, ach gur mar sin do chloisinn ós na seandaoinibh é: ceart nó mícheart. Tair ar an bhfírinne liom, ná bac an t-éitheach: abair an ceart. Tá corp-lár na fírinne anois agat dá mbeitheá ag innsint éithigh riamh: tá an díreacht agus an mhacántacht ag teacht as do bhéal. "Níor thacht an fhírinne aonne riamh": ní baoghal d'aonne í do labhairt: níl aon chall lé héitheach.

fírinneach: *a.* ceart, cóir, a chómhaontuigheas lé dearbhacht nó aiste aon ruda, dearbhtha, deimhnightheach, dílis, ionnraic, beacht, iomlán, dleaghthach, dlistineach. Tairng stríoca go fírinneach treasna an úrláir: díreach, gan chlaon, gan chor. An airgead fírinneach é seo? tá glór balbh aige: dlistineach, ceart, déanta i gceárdchain na dúthaighe. Go fírinneach duit níor bhuaileas barra méire ar aon rud a bhaineas leat: go dearbhtha. Dar leis féin go bhfuil an creideamh fírinneach aige: folláin dréir tuairme nó teagaisc. Is fírinneach go rabhas ann: ná bíodh aon amhras air do bhíos. Ní fírinnighe (teacht) an lá ambáireach má é: chómh cinnte, deimhnighthe a's go dtiocfaidh an lá ambáireach. An ghaoth go fírinneach anoir: ag séideadh cruinn, díreach as an áird sin. Thugas do an tómhas ceart go fírinneach: lomthómhas: bhí sé "i meidh an óir" agam. Creidim é, chuala ó dhuine fírinneach é: duine ná haithriseann bréag. Bád maith fírinneach seadh í, freagrann sí an stiúir go héascaidh: déanta go maith: sasamhach dos na maitheasaidhibh go mbeadh súil leó. Is fada ó bheith fírinneach don roth an gluaisteán so: neamhghéilleamhail. Bíodh do sheasamh orm, táim fírinneach: díreach: iontaoibhe. An bhfuil an fhuinneóg san istigh fírinneach? mar is gnáth fuinneóga do chur: i gceart. Ach, tá an fhuinneóg istigh go fírinneach: gan aon amhras. "...a mháighistir, tá a fhios againn gurb duine fírinneach tusa agus go dteagascann tú slighe Dé go fírinneach agus ná fuil cás agat in aon duine óir ní fhéachann tu do phearsain na ndaoine" (Matha XXII. 16): neambréagach: inchreidte. "...óir tá an doircheadas ag imtheacht tharainn, agus tá an solas fírinneach anois ag soillsiughadh" (1. Eóin II. 8): dearbh, deimhnightheach: dlistineach. Má bhír fírinneach liom bead fírinneach leat: macánta, dílis, cóir. Bhuail go fírinneach a's leag: i gceart: i ndáiríribh. Ní dóigh liom go bhfuil do chunntas fírinneach: ceart: cóir. Gheóbhair mise fírinneach fós, fan leat: fionnfair go bhfuil an ceart agam. "Beimid déidheannach" – "beimid go fírinneach": gan amhras.

fírinneacht: *b.3.* ionnracas, cóir, ceart. Creideadh fírinneacht a scéil: ceart: dírigheacht: cóir. Tá fírinneacht éigin sa scéal san mar chonnaic mórán é, ach pioc níl sa scéal a aithriseann an fear éithigh seo: claonadh lé ceart. Ní fíor é ar fad ach tá fírinneacht ann: cuid de bheith fíor. Cuarduigheadh a chuid leabhar cunntas agus scrúduigheadh ó thalamh iad a's ní bhfuairtheas ionta ach fírinneacht: gach aon aisnéis a's giota ceart, cóir, macánta.

físidheacht: *b.3.* taidhbhrigheacht, samhlaidheacht. Ag físidheacht a chaitheann san leath a shaoghail, féach, cad bheireann sé chugham in ionad na scine ach spíonóg!: ag taidhbhreamh. Féach anois an mbíonn físidheacht uirthe? 'gcloistí gur glaodhadh trí huaire uirthe éirghe go raibh an tigh ag dóghadh agus do bhí deir sí: thar nádúir.

fiú: *b.4.* luach, cómh, luaidheacht. "Cad is fiú an tigh sin?" – "dhá mhíle púnt". "Is olc an chú nách fiú fead í": an rud is measa gheóbhfí maith éigin ann. "Ní fiú deoch uisce na n-ubh é": an-sprionlaithe: an-dhona: neamh-misneamhail. "Cnaipe gan chos ní fiú é": ní maitheas ar bith é. Trúmpa gan teanga ní fiú thu: ní thuillir suim do chur ionat: taoi gan aon mhaith. Ní fiú féachaint ortha gan bac lé hiad do cheannach: níl sé de cháilidheacht tairbhe ann go sásóchadh sé duine dearcadh ortha. Ní fiú biorán agus a bhfuil ort: luach bioráin de dhochar nó de dhíoghbháil. Ní fiú liom ort maith do dhéanamh ort, mar ná déanfá féin faic d'aonne: ní samhluightear dom gur dhíol cheart ort é. Ar a bhfuil den dtráthnóna rómhat anois ní fiú leat, is dócha, cur chuige. Ar a mbeadh déanta agat agus níor bh'fhiú dhuit leis: ní tuigtear duit gur thairbheach é agus níor thairbheach dhuit. Aon lá b'fhiú liom duit mar mhnaoi m'inghean (b'fhiú liom ort í): mo mheas ort go dtuillir í lé t'fheabhas. Budh chuma leat dá mbeadh fear ann gur bh'fhiú leat é: go mbeadh meas agat air chun ruda do dhéanamh ar a shon. Níor bh'fhiú leis ar an bhfeóil féachaint uirthe: cheap sé ná raibh an oiread san maitheasa innte gur cheart oiread agus súil do thabhairt uirthe. Innis dom cad is fiú mise thusa do dhéanamh duit a's déanfad é: aonnidh go dtuigtear duit go dtuillim a dhéanamh. Caithidh uaibh é mar scéal, ní fiú trácht air, ná cloiseadh na daoine ag achrann sibh 'n-a thaobh: ní thuilleann sé focal cainnte do dhéanamh air. Ní raibh aon Ghaedhealaing ann ar bh'fhiú Gaedhealaing do thabhairt uirthe: go raibh an oiread san maitheasa. Ní fiú dhuit bheith ag cailleamhaint t'aimsire leis .i. aon mhaith ní bheadh dá bharr. Sin é díreach is fiú é gan oiread a's féachaint air: atá tuillte aige: rud gan tairbhe. "Is fiú an sclábhaidhe a thuarasdal": bíonn sé 'n-a theideal dréir chirt as an saothar do ghní sé. Daoine doichilleacha, do-chroidheacha a scaoilfeadh uatha fear gan fiú na déirce do thabhairt do: an méid sin dá luighead é. An-bhocht do anois, é gan fiú na mbróg ar a chosaibh: oiread agus, gidh gur riachtanach iad. Giobail ó bhonn bathas dob eadh é, fiú a hata: níor thaise dá hata, bhí san leis n-a ghiobalaibh. "Ní fiú deich triuch é" .i. gan aon tairbhe lé baint as ná chun aon rud do dhéanamh. Níl aonne a chídhfeadh an bheirt agaibh, bail oraibh, ná go ndéarfadh gur fiú sibh a chéile: gur oireamhnach an cómhluadar sibh. Ní fiú an méid a bheadh beartha agat lé n-a dhéanamh: níor bh'aon chur chun cinn an méid a bheadh dá bharr agat. Fiú mise féin ní leigeann dom: gan taise dom-sa. "Tá an bhainis ullamh gidh an dream a fuair an cuireadh níor bhfiú iad é" (Matha XXII. 8): ní raibh sé tuillte aca iad do ghairm ann. "Ní fiú mise a bhróga d'iomchar" (Matha III. 11): nílim i dteideal: níl sé de cheart agam. Fiú i mbaoghal bháis do ní dhéanfadh sé aithrighe nár chalcuighthe an croidhe a bhí aige: rud dob iongadh. Go fiú na leathphingine bheadh sí ag eisean asat: gan an méid sin d'fhágaint lasmuigh dá sprionlaitheacht. Fiú amháin mo shúile, tá tinneas ionta: ionta san féin maidir lé gach ball eile. Níor lugha dob fhiú liom air sin comaoin do chur air 'ná ort-sa: do bheadh an oiread nó breis mheasa agam ort féin. Fág annsan an droch-arán san, ní fiú é: níor thairbhe ná maitheas é do thógaint ná d'itheadh. Is mór is fiú thu go deimhin chun bheith mar bhais chait agat do dhéanamh: do thola dhuit: tábhachtach; mór lé rádh. Más mór is fiú thu agat féin is beag is fiú againne: má táir-se mórchúiseach asat féin nílimíd-

ne mórchúiseach asat, ach a mhalairt ar fad. Daoine mór is fiú iad san i gCorcaigh: tábhachtach: meas ag an gcoitchiantacht ortha. Ní fhéachfadh sé sa bhóthar ort, cá ngeóbhadh an mhór is fiú: cuimhnigh ar an mórchúis agus an blomas. Ní mór is fiú aige scilling, fear croidhe mhóir: ní chuireann aon tábhacht i scaramhaint léi. Ní mór is fiú aige an chneadh ghránda atá air, dá mbeadh ar fhear eile, bheadh ag liúighrigh ar an sagart: aon tábhacht: neamhshuim.

fiuchadh: (**fliuchaidh**) *f.* (*-chta*) beirbhiughadh (uisce): bolgóididhe ar uisce lé neart teasa lé fáscadh na talmhan nó lé corruighe reatha: fíoch, fíochadh. Tá an citeal so ar dearg-fhiuchadh, tóg é nó raghaidh sé fé bheirbhiughadh: chómh te sin go bhfuil cluig air ag suathadh: imtheóchaidh 'n-a ghal. is maith an té ná cuirfeadh an bealach (beilichín) eagla air, ag réabadh a's ar fiuchadh: ag stialladh a's ag léimrigh 'n-a shuathadh mar bheadh rud beó. Fearg? ní fearg a tháinig air siúd, bhí sé ar geire-fhiuchadh chugham: gan aon néal: fíoch fiadhain air. An oiread san smachta aige ar a chlainn go mbeadh sé ar fiuchadh chúcha dá ndeinidís a luighead rud as an slighe: ar dearg-bhuile. Tabhair fiuchadh maith don bhfeóil, annsan cuir cois teine í ar meath-fhiuchadh: leig don uisce a théidheamh go dtosnuighidh ar leaghaidh 'n-a ghal, annsan leig do bheith ag bog-fhiuchaidh .i. ar aiste go mbeadh corruighe beag ann, sin uile. Tá fiuchadh (feirge) fé: suathadh. Fiuchadh chun oibre atá sé: "ar a ingnibh deiridh": fonn fiadhain air. Cuireann an chainnt bhorb san mo chuid fola ar fiuchadh: éirigheann suathadh te gríosuighthe innte: loinne. "Amhail mar lasas an teine leaththa, bheir an teine ar na huiscidhibh fiuchadh, d'fhoillsiughadh t'anama dod namhadaibh chor go gcrithneóchaid na críocha dot láthair" (Isaiah LXIV. 2): suathadh teasa. "Do bheir sé ar an aigéan fiuchadh do nós an choire, do ghní sé an fharraige do nós coire an phoiticéara" (Iob XLI. 23): corruighe uisce mar leanas teas. Uisce fiuchta: lé beirbhiughadh.

fiuchaim: *b.a.* ₇ *n-a.* beirbhighim, cuirim ar beirbhiughadh, suathaim go mór: fearguighim: cuirim fearg air: fiadhnuighim. D'fhiuch sé a's las sé nuair ná fuair sé a tuarasdal, chuir sé soir siar an saoiste agus a lucht adhmannais: tháinig cuthach nimhneach air. Fiuchfaidh an corcán so go grod, tá reidhleán teine fé: tiocfaidh an oiread san teasa ann go dtiocfaidh suathadh agus bolgóididhe air. Fiuchann sí liom gan puinn cúise, a ghiúistís, níor mhór dom foidhne Pheadair Bagóid do bheith agam chun bruic léi, gan í do bhualadh: éirigheann sí i reacht feirge chugham. Níl aon choimeád aige air féin, fiuchann a chuid fola ar a luighead cúise: tagann strán buile air. Tá sé fiuchta chughat anois, ná labhair focal leis nó raghaidh sé chun báinighe ar fad: tá an fhuil éirighthe ann. D'fhiuch an fharraige 'n-ár dtimcheall go raibh sí mar uisce beirbhighthe i gcorcán: d'éirigh a's stiall a's bhris.

fiuchghail: *b.3.* ar beirbhiughadh, ar luas a's corruighe lé teas, suaidhteacht, feirg. Fágadh an corcán go raibh an fheóil ann chun anbhruithe do dhéanamh ag fiuchghail cois na teine: ag beirbhiughadh go mall, righin: ag fiuchaidh. Bheadh sé ar fiuchghail chugham dá labhrainn leis, mar ná fuilimíd buidheach: ar buile. Ní fhéadfadh an lacha féin snámh annsan tá an fharraige ar fiuchghail ann: ag léimrigh go suaidhte: corruighe ionfartach uirthe go bhfuil conntabharthach. Tréis na fiuchghala ní haon drochdhuine é: feirge.

fiúghantach: *a.* meastamhail, galánta, creideamhnach, tuillteach. Fear fiúghantach go ndéanfainn aon rud ar a shon é sin, mar is beag aige féin an mhaith: a thuilleas rud maith do dhéanamh do. Ní bheadh do thurus in aistear dul chúcha súd, daoine fiúghantacha ná leigfeadh follamh thu: galánta, fial. B'fhearr go leigeantá do dhaoinibh fiúghantacha 'ná bheith ag tromaidheacht ortha i slighe ná tuillid: meastamhail. Ceagaibh is fiúghantaighe an bhreis d'fhagháil – eadraibh féin atá sé?: gur mó go bhfuil sé tuillte aige, is deacair rogha do bhaint asaibh. Is fiúghantach lé rádh an rud atá déanta aige: tuilleann moladh.

fiúnach: (**fionnach**) *f.1.* buile, fíoch, éirghe cochaill. Ní gábhadh ach tagairt do Hitlear nuair thagann fiúnach air chuige, ní thaithnigheann in ao'chor leis: buile. Ar bh'iongadh go raibh fiúnach air nuair tháinig sé ar na cléirigh ag súgradh dhóibh féin in ionad bheith ag obair: fíoch: fearg a's cainnt mhíchéadfach. Ná dein buanamhail air sin, ní haon fhear seóigh é ach fear fiúnaigh: gur furaiste leis lasadh ar bheagán cúise. Nuair thagann aon rud treasna air, ní hamhlaidh do chaitheann ciall leis ach éirghe chun fiúnaigh: suathadh mearbhaill.

fiúntas: (**fiúghantas**) *f.* luaidheacht, feabhas, tuilleamhnas, féile. Mara mbeadh an fiúntas bheith ag baint leó an dtabharfaidís oiread carthanachta ar son na mbocht: an fhéile: an bheith mhaith san. Dá mbeifeá gan an fiúntas do bheith ionat féin is beag do gheóbhfá ó chách: an feabhas chun bronnta nó maith éigin eile do bheith ort. Cad é díol é seo, leigeant do bás d'fhagháil i dTeach na mBocht, ar a fhiúntas ar son a thíre: an méid a bhí tuillte aige as ar dhein sé dá thír dhéanfadh na daoine aon rud ar domhan do le n-a fhiúntas: sármhaitheas, feabhas.

flaith: *f.* mac righe, árd-riaghaluightheóir, ceannphort fear: duine ró-fhial, tighearna, rí-dhamhna. "Flaith Neimhe": an Tighearna Dia. "Óir do saoghaluigheadh leanbh dúinne, tugadh mac dhúinn, agus beidh an riaghaladh ar a ghualainn agus goirfear a ainm iongtach, cómhairleach, an Dia Cómhachtach, an tAthair Síoraidhe, Flaith na Síothchána" (Isaiah IX. 5). "Budh mhór é a chroidhe, níor mhór aige púnt do chaitheamh" – "flaith beartha": fear croidhe mhóir. Cuimhnigh go bhfuil flaith ós do chionn a's ná dein rud as an slighe: riaghaluightheóir. Is é an flaith é, go bhfágaidh Dia againn é: an fear maith, carthanach.

flaith-bheartach: *a.* laimhthighiseach, sconnabheartach, rófhial. Nách flaith-bheartach mheasais dom do bheith ag tabhairt tobac dos gach aon dailtín a iarras orm é: laimhthighiseach, bronntach: lánfhial. Beidh gach aonnidh ar fheabhas aige siúd id chómhair, níl sa Mhumhain neach is flaith-bheartaighe 'ná é: níos féile a's níos oscailte. Níl baoghal ná gur flaith-bheartach an síntiús é, scilling (searbhas): fairsing: mór.

flaithe: *b.4.* mór-aigeantacht thabhartha: fairsinge riartha: boigéis nádúrdha, iomadamhail dhúthchas. Fial! ní fial go dtí é, agus maidir le flaithe thabharfadh sé an greim as a bhéal duit, an léine dá dhrom: ar son do mhaitheasa chaithfeadh a mbeadh aige: laimhthighis gan teóra.

flaitheamhail: *a.* fial, oscailt, so-ranna, bronntach, tabharthach, neamhdha, sármhaith áluinn, rabairneach, raidhseamhail, boigéiseach. Thugadar buillidhe go flaitheamhail

dom, níor fhágadar aon fhuacht ar mo chnámhaibh, na feille-bhleaigeárdaidhthe!: mórchuid lé sástacht. Faic ní bheidh agat i láthair do bháis, táir ró-fhlaitheamhail féd chuid: ró-só-chroidheach: boigéiseach: tabharthach: flúirseach: raidhseamhail. Ní bhfuaireas ró-fhlaitheamhail leis an gcainnt é: beagán cómhráidh dob fhonn leis do dhéanamh liom. Is mór gur bh'fhearr liom suidhe chun na mbollaidhe flaitheamhla a bhí ann fadó 'ná chun na gcupaidhe sprionnlaithe atá anois ann: móra, fairsinge. Ní ró-fhlaitheamhail do thugais an t-uisce chugham: braon beag. Bíonn bórd flaitheamhail ann: feabhas agus dóthain mhór. Ní leór (nár) duit maoidheamh as an mbreac atá ar do dhubhán, tá sé ann go flaitheamhail: toirteamhail. Bheadh an t-aindiseóir níos flaitheamhla, dá fheabhas anois féin é, dá mbeadh cao aige air, níl aon teóra le n-a roinnfeadh sé: i bhfad níos tabharthaistighe: níos rabairnighe, raidhseamhla.

flaitheamhlach: *a.* mórchroidheach, sconnabheartach: rófhial. Táir ró-fhlaitheamhlach féd láimh: tá an iomad agat dhá thabhairt nó breis agus an ceart. Bean fhlaitheamhlach 'n-a tigh féin: fial fé choinnimh do thabhairt do dhaoinibh iasachta. B'fhlaitheamhlaighe liom go mór ceann muice 'ná a luach d'aon fheóil eile: is sia do raghadh sé ameasc scata daoine.

flaitheamhlacht: *b.3.* féile, raidhse, rabairne, so-rannacht. Lé n-a bhflaitheamhlacht ní fhéadfaidís aonne d'eiteach ar bhiadh, b'fhearr leó é do thabhairt a's bheith 'n-a dtroscadh: croidhe mór na raidhse. Flaitheamhlacht! cuirtear a thuilleadh leis an méid atá dhá thabhairt. Chuir sé an-chuid chugham, oiread a's nár ghábhadh ach cá ngeóbhadh an fhlaitheamhlacht?: an lámh fhairsing, laimhthighiseach. Ná bíodh aon eagla ort go scriosfaidh a bhflaitheamhlacht iad: táid an-bheacht, an-chruinn.

flaitheamhnas: *f.1.* ríoghacht, righe, árd-cheannas, tighearnas, flaitheas, Parrthas, Neamh. Nách dóigh leis an amadán san go bhfuil sé i bhflaitheamhnas nuair bhíonn sé ag cainnt le staigínidhibh: ar neamh ag cainnt lé fáslachaibh. Tá flaitheamhnas agam a's a bheith bailighthe uatha a's ó n-a gcuid achrainn: neamh: róshubháilceas. Buailfeam lé chéile i bhflaitheamhnas lé congnamh Dé a's a ghrásta: ar neamh. Flaitheamhnas an áit seo gan ghnóth, gan chúram, ach ghár n-aoibhneas féin: Parrthas ceart. Ceal flaitheamhnas níl ar Shasana a's ar an bhFrainnc ins na tíorthaibh lasmuigh: is fada fairsint iad a gcuid talmhaintidhe: ríoghachta. Flaitheamhnas ní shroichfir go deo, a chladhaire: neamh ní fheicfir choidhche.

flaitheas: *f.1.* 7 *3.* neamh, ríoghacht, dúthaigh, righe, ríoghacht, réimeas. Dá dtabharfainn na flaithis do ní bheadh sé sásta: pé rud dá fheabhas do thabharfainn do etc. Ar na grogaibh atá dhá bhaint as Riaghaltas na Frainnce lé déidheannaighe is gearr bheidh sé i bhflaitheas tuairm gach aonne: réim: i gceannas. Go dtugaidh Dia na flaithis dúinn an lá déidheannach: a ríoghacht féin. An lá úd an aiséirighthe d'oscail na flaithis: na spéartha uachtaracha. Lá mór áir (báistighe) go raibh na flaithis ar oscailt báthadh go dtín cnámh me: na spéartha ag síor-shileadh duartain. Faid agus bheidh saighdiúir beó ar ár dtalamh cosnócham ár bhflaitheas ar aon namhaid a thugas fúinn: ár ríoghacht: ár gceannas. Dá mbronntí na flaithis air ní scarfadh sé leis an ngunna san: a cheanamhla atá sé air.

flannbhuinneach: *b.3.* dobuan dearg. Flannbhuinneach go gcuiridh an fheóil ort maran ort atá an ghuilm chúiche: flosca dearg.

flannshúileach: *a.* dearg-shúileach. Bhíodar tnáidhte flannshúileach cheal codlata: dath dearg ortha.

flaspghail: *b.3.* glór bog a ghníos duine nó ainmhidhe ag itheadh: smeachadh beól etc. D'fhéach gach aonne 'n-a thímcheall ar chlos na flaspghala a bhí aige ag itheadh: glór bog a bhéil. Chuir an fíon an oiread san sástachta air go gcloisfeá flaspghail aige lé n-a bheólaibh: smeachadh: luighe ar a chéile a's ghá scaramhaint go hobann. Cuirfidh na sean-leighcididhe bróg so an t-éag ionam, tá flaspghail gen uisce isteach 'samach ionta: glór bog lé gach céim. Taithnigheann flaspghail na mbó sa chródh a's iad ag cogaint an fhéir: an smeachadh dheinid lé n-a mbéal.

fleadh: *b.2.* féasta mór. "Tosach fleidhe a's deireadh catha dob fhearr leis": gur mhian leis bheith i láthair an bhídh a's ar iarraidh lé linn achrainn. Fleadh na Nodlag: cruinniughadh Gaedheal lé haghaidh rinnce a's siamsa um an dtráth san. "Is fearr deire fleidhe 'ná tosach bruidhne": dá luighead a bhuailfeadh den bhfleadh is mó gur fearr é 'ná an méid den mbruidhin. Cad é an deabhadh atá orainn, deinimís fleadh dhe: lá ar fad.

fleasc: *b.2.* slat, líne: fonnsa, íodh, cuirceal, atán: fáisceán: an forradh a bhíos ar roth. "Fleasc airgid i gcúl a chinn a's ní raibh sa tsaoghal each dob fhearr": órnáid. Leagadh ar fhleasc mo dhroma me ar thuiteam dom: ar mo chnámh droma. Fleasc gan déanamh ceart atá ar roth an tuirn bíonn an tsreang ag stroilleamhaint di: an fonnsa. Fleasc mhaoise a bhain uisce as an gcarraig ghlais: slat dhraoidheachta. Fleasca óir a bhí san luing a chuaidh ar tóin puill: slata: smut fhada.

fléig: *b.2.* árdán, stáitse. Budh mhinic me ag rinnce ar fléig go scléipeach, gaigeamhail: ar árdán. Bhris tacaidhe na fléige agus anuas leis na saoir a bhí ag obair air: an stáitse a bhí fútha i gcoinnibh an fhalla.

flich-bhéal: (**fliuch-bh.**) *f.1.* béal tartmhar, béal tais. Má ól sé an méid sin go léir leanna tá flich-bhéal air: duine tartmhar. Ná bíodh aon eagla ort go raibh tart ortha, bhí tarrac aca ar dhigh, a's iad flich-bhéal a ndóthain: béal tais aca ó bheith ag ól.

flich-bhéalach: (**fliuch-bh.**) *a.* tais i mbéal; tartmhar. Cúis ghearáin ní raibh agam, bhíos flich-bhéalach mo dhóthain as a bhfuaireas de bhainne lé n-ól: tais-bhéalach: níor fágadh aon tart orm. Níor fhág sé an Daingean riamh gan bheith flich-bhéalach: a choisce dighe caithte aige.

fliche: *b.4.* taisireacht, fliuchra, úraidheacht, réim, prachaille. Níor mhór do dhuine bheith ar a chosaint ar an bhfliche mar is í is claoine lé slaghdán: an taisireacht a leanas an bháisteach. Bíonn fliche ar an ngaoith andeas: leanann báisteach nó aimsir thais í. Fliche na bhfallaidhe a ghníos tigh mío-fholláin: úraidheacht: teacht fé. Fliche na léine laistigh a chuir an t-éag 'n-a chnámhaibh: ceal í do bheith tirim 'n-a ceart. Ní bhíonn beann ar fhliche ná ar fhuacht aige: uisce báistighe nó a malairt do dhul ar a chroiceann. D'iarraidh

na fliche do bhaint as an nadhbhóig: an tarrac (isteach) uisce nó sáile a bhí innte. Cneadh thubaisteach seadh í go bhfuil fliche éigin innte do shíor: rith nó sileadh braoin. Bíonn fliche ghránda im scórnaigh gach maidean: réim prachaille: fliuchra. Bíonn fliche i ngach úrlár barrachta: fúscadh aníos. Má leanann an bhéil (béal)-fhliche seo dhe ní féidir aon fhóghmhar do dhéanamh: bheith fliuch nó tais ann as. Eagla ar na hiascairidhibh roim fhliche na taoide nuair bhí sí 'n-a neart: a bheith ag briseadh isteach 'n-a áruistidhibh.

flicheacht: *b.3.* úraidheacht, fúscadh, taisireacht, réim: sileadh. Cad é an mhaith arbhar ná faic eile do chur sa talamh san lé n-a fhlicheacht: dúilidheacht uisce: úraidheacht. Lé flicheacht an fhalla san tuitfidh sé: an teacht fé atá ann bascfaidh i ndiaidh a chéile é. Lé flicheacht na móna ní dhóghfadh sí: a taisireacht: ceal a bheith tirim. Tá dúthaidhe a's dathacha im chnámhaibh ge flicheacht na haimsire: taiseamhleacht. Ní fhéadfá luighe ar an úrlár ann lé flicheacht: fúscadh: úraidheacht. Chuaidh den ndochtúir flicheacht na cneádha do thriomughadh: an síor-shileadh a bhí ag teacht aiste.

flicheán: *f.1.* aiste bheith fliuch go mórmhór ar feadh tamaill mhaith. Ní thagann an flicheán ceart go Samhain: báisteach chómhnaidhtheach. Tair isteach ón bhflicheán: báisteach. Níl puinn flicheáin orm, tá casóg mhaith dhíon-uisce agam: mórán de thaisireacht uisce dulta 'n-a luighe orm.

flichreódh: *f.1.* sioc fliuch. Thuit mórán flichreóidh ar an dtalamh, cómhartha báistighe é.

flichreódhach: *a.* seacamhail, fliuch. Aimsir nimhe an aimsir flichreódhach so: sioc is báisteach.

flichshneachtadh: *f.1.* báisteach shneachtaidh. Tháinig stoirm flichshneachtaidh nár fhág gas os chionn cré.

flíodh: *b.* (*flidhe*) saghas fiadhaile go mbíonn chúig duilleóga uirthe, an-bhascaithe do bhíonn sí. "Flíodh agus neanntóg in áit do ghaolta" .i. leaghadh ar do ghaoltaibh a's 'n-a n-ionad go rabhadar súd araon ag fás.

fliosca: *f.4.* puchóid, at gair. Bhuaileas mo ghruadh ar fhaobhar ruda éigin a's d'éirigh fliosca uirthe: ball: cómhartha: puchóid.

flíp: *b.2.* buille, buille le téadán nó bata nó aon rud a luighfeadh ar chuid mhaith den gcorp. Thugas flíp do treasna an leathchinn gur chuireas ag grogaidheacht seacht slat é!: buille tréan. Buail flíp ar an madra san as do shlighe: buille gan truagh. Thairng sé flíp dá chamán ar an liathróid gur chuir síos amach fé chródh na himeartha í: buille go raibh fuinneamh leis. Fuaireas flíp den éadach láimhe uaithe treasna an éadain: buille láidir: fuinneamhail. B'fhéidir go bhfaghfá flíp ó dheireadh an asail: speach. Fuair Sasana flíp mhaith in aon ló nuair súngcáladh trí báid fé thuinn léi: deineadh tubaist di. Thug sé flíp don bpeil: teannbhuille.

flípeáil: *b.3.* bualadh: búrdáil. Níl aon chion amugha idir thíorthaibh an chogaidh ach ag flípeáil a chéile de ló agus d'oidhche ar muir a's ar tír: ag smísteáil 'sag tuargaint.

Dhearbhuigheas go raibh sé ag flípeáil m'asail go neamhthrócaireach lé bata: gach re stráiméad aige air. An eascú mhór fharraige ag flípeáil go fiadhain lé n-a hearball: ag stialladh thall 'sabhfus go dásachtach. Flípeáil atá tuillte agat a's bheith chómh hathumhalta léd mhuinntir: smísteáil.

flípeálaim: *b.a.* buailim go trom: stiallaim, smísteálaim. D'fhlípeálfadh súd an t-anam as aon fhear a bhí ag dul isteach 'on Daingean: gheóbhadh sé pic ortha i dtroid. D'fhlípeáil sé lé téadán an garsún bocht go raibh fuil bhrúighte tríd amach: bhuail a's léas é. Flípeáil ó thalamh leis an órd í, tá sí chómh cruaidh lé hiarann: stialláil í: tuargain le buillidhibh troma.

fliuch: *a.* tais, úr, uisceamhail, báisteamhail: óltach. Fear fliuch a dhóthain is an-mhinic do chidhfeá é a's braon sa tsúil (fén bhfiacail) aige: óltach: tugtha d'ól. Tigh go bhfuil ceann fliuch air: ag leigeant isteach: braon anuas ann. Mo thuairm go bhfágfad sibh, cuideachta ró-fhliuch dom seadh sibh: an iomad ólacháin agaibh. An taoide ró-fhliuch d'aon bhád bhéal-oscailte: briste i gconntabhairt teacht isteach innte. Ghoil an bhean bhocht go fliuch ar uaigh a fir: go deórach. Is olc an tuarastal atá dho, deich scillinge sa tseachtmhain fliuch a's tirim: a bheith air bheith amuigh fé pé saghas aimsir a thiocfadh. Táim fliuch báidhte: an t-uisce gabhtha tríom chuid éadaigh. Fliuch go cnámh: mórán mór báistighe bheith fachta. Téanam a's bíodh rud éigin (braon) fliuch againn is fada gur bhuaileamair le chéile in athchomaireacht tighe tábhairne: braon dighe. Bí ag cur thart i gcóir an lae fhlich faid bheidh an déanamh ionat: ag bailiughadh i gcóir "lae an riachtanais": an lae chruaidh. An t-adhmad san fliuch n-a chroidhe: sughlach ann. Taoi fliuch istigh 'samuigh: tá uisce gabhtha tríd chuid éadaigh a's tá braon caithte agat.

fliuch: *f.1.* taisireacht, taisidheacht, úire, úraidheacht: sughlach. Níor fhág an fliuch an talamh fós mar ná fuil sé in ionbhaidheacht na bliadhna aige: úireacht nádúrdha. An fliuch go dtagaidh ort ná tagann isteach: taisireacht: báisteach. Fliuch na dúthaighe nár réidhtigh leis: úireacht an aoir: báisteach. Fliuch an tsáile gabhtha tríd an adhmad ó thaobh taobh: úire a's taisireacht. Lá béal-fhliuch ná fuaireas aon chao ar an éadach do thriomughadh: ann as. Beidh sé béal-fhliuch go hoidhche: spréachghail bháistighe ann gan stad ar bith. "Is fuar gach fliuch": is cuma cad as go dtagann taisireacht leanann an fuacht í. Ghoill a dtubaist chómh mór san orm gidh ná raibh gaol ná cómhgas agam leó go rabhas fliuch-shúileach: go raibh deóra ag bruchtghail tímcheall mo shúl.

fliuchadh: *f.* (*-chta*) do thaisiriughadh, taisiriughadh: báisteach: beirbhiughadh. Ar fhliuch an corcán so? tá fiche fliuchadh déanta aige: beirbhiughadh: chómh te sin go bhfuil sé ag sughadh uaidh 'n-a ghal. Thosnuigh an oidhche ar fhliuchadh: ar bháistigh. Fuaireas fuacht trom as an bhfliuchadh fuaireas: an taisireacht ón mbáistigh nó ó aon uisce. Tabhair fliuchadh maith san abhainn dos na héadaighibh: túm iad i slighe go sughfaidh an t-uisce tríotha. Níor dheineas de shnámh ach me féin do fhliuchadh: do thumadh gur bhuail an t-uisce orm. Níor dheineamair ach na líonta d'fhliuchadh nuair a shéid an oidhche a's b'éigean dúinn a dtarrac: iad do thumadh gur ghaibh an t-uisce iad. Is maith leis an gcat iasc ach ní maith leis é féin d'fhliuchadh leis: dul 'on uisce chuige! Ag fliuchadh a's ag fliuchadh a bhí an aimsir: breis bháistighe ag teacht an uile lá. Téighimís ag fliuchadh an chleamhnais: ólaimís deoch ar son é do bheith déanta. Iarradh

air an chulaith nuadh d'fhliuchadh: deoch do sheasamh don gcuideachtain aiste (nós). Cuir an té ar fliuchadh: ag tarrac. Ná bí ar fliuchadh chugham-sa, mar ná fuil cúis ná adhbhar agat chugham: ar buile. Bhí an oiread san éisc ag ráthaidheacht go raibh an fharraige ar dearg-fhliuchadh leis: ag corruighe go suaidhte mar bheadh uisce beirbhighthe ar theine. Tá fulang an domhain ar theas aige, d'íosfadh sé rud as an bhfliuchadh: feóil etc. a bheadh ar dearg-bheirbhiughadh.

fliuchaidhe: *a. n-dh.* uisceamhail, tais, úrmhar. D'órduigh an t-arm an corp do thógaint as an uaigh toisc í bheith fliuchaidhe agus é d'athadhlacadh in uaigh thirim: tais.

fliuchaim: *b.a. 7 n-a.* cuirim, leigim uisce ar, bogaim (in uisce), beirbhighim, uiscighim. Ní fhliuchfainn me féin leat: ní chuirfinn de dhuadh orm. Fliuch an mhin a's ní bheidh sí chómh tur: cuir uisce te nó fuar tríthe. Níl an oiread gabhála agam agus d'fhliuchfadh an císte: a bhogfadh é i slighe a's go righineóchadh sé. A's lé n-a méaraibh fliuchaidh a súil: dúmas deór. Cá bhfliuchfad an té seo?: cá gcuirfead ag tarrac é? Díomhaointeas! ní díomhaointeas go dtí é, ní leigfeadh leisce dho a chosa d'fhliuchadh: do sháthadh san uisce a's do thógaint go grod as. D'fhliuch an leanbh fé: dhein sé a bhraon uisce air féin. Fliuchtar é lé drúcht neimhe. Fliuchfair tú féin léd dheóraibh: goilfir go fuidheach. Fliuchaimís ár sciúch: bíodh deoch (mhearbhaill) againn. Fliuchfar na súile agat-sa, a gharsúin, mara n-iomcharuighir thú féin: cuirfear ag gol thu. Fliuchadh an margadh go maith: óladh mórán dighe air. Níor fhliuch sé airéir dá méid deallraimh a bhí air: níor dhein báisteach.

fliuchán: (**flicheán**) *f.1.* taisireacht, taisidheacht, úire, úraidheacht, leann, báisteach. Rug an iomad fliucháin ar an gcruithneacht a's níor aibidh sí 'n-a ceart: báistighe nó taisireacht cheóidh. Cá hiongadh dathacha a bheith ionam a's a rug d'fhliuchán riamh orm: a mhinicighe a chuaidh uisce a's taisireacht go croiceann. Ar thaobh an fhliucháin: taobh na síne. Níor imthigh an fliuchán as an dtalamh fós: an taisireacht: an úraidheacht. Tá an fliuchán lém chroiceann: táim fliuch, báidhte.

fliuchánach: *a.* tais, úr. Talamh tuinn fliuchánach gur deacair a dhiúgadh: mianach nó dúilidheacht an uisce ann, nó go stadann uisce i bhfad air. Is iomdha súil fhliuchánach a bheidh ar do thorramh, a dhuine fhiúghantaigh: deórach: tais.

fliuchra: *f.4.* taisireacht, taisidheacht, úire, úrmhaireacht, báisteach. Fear preabamhail nár mhór an mhoill aige an fliuchra do chur ar do bhéal: deoch do thabhairt duit lé linn gábhtair. Táir ró-leice chun corruighthe amach fén bhfliuchra so: aimsir bhog, fhliuch nó thais. Ní bhfaghfá fliuchra do bhéil uatha dá mbeitheá sloigthe leis an íota: oiread agus go mbeadh do bhéal tais 'n-a dhiaidh. Áit ró-mhío-fholláin dom dob eadh an Aibisín lé n-a fliuchra: taisireacht na talmhan agus úirmhire an aoir. Taisireacht sa talamh tréis báistighe: úirmhire. Úraidheacht san aer, fliuchra ar fhalla. Dein fliuchra ar an bplúr: cuir bainne, gabháil, etc. thríd.

fliúit: *b.2.* gléas ceóil séidte (gaoithe) go mbíonn puill a's eochracha ar a chliathán. "Ní thabharfainn fliúit ort", mar deir an fear .i. ní fiú tráithnín thu. Cad iomcharóchadh na

fliúiteanna cos san: cosa caola, laga. Téighir ag seimint ar fhliúit anois, tá an chao imthighthe uait .i. “tabhair póg do chos an ghirrfhiaidh”.

flocas: *f.1.* loca olna: bitheamhnach: an líonadh do cuirtear i dtocht nó i gcuilt. Flocas olna sa cuilt, flocas seancheirteach sa tocht. Bíonn flocas sa laimhnibh a bhíos ar dhórnálaidhthibh ag troid: líonadh d’adhbhar bhog. An flocas a bhíos i mbróig bitheamhnach do tugtar air.

flós: *f.1.* bláth. Céad-fhlós an earraigh: an chéad bhláth a theasbáineas í féin. Nách aoibhinn, neamh-aistearach don nduine nuair bhíonn i bhflós a shaoghail: i mbláth: in aoirde a láin, sláinteamhail gan mairg lae ná oidhche.

flosc: *f.3.* rith, gearrach, scaoing, sconna, folamhughadh, dobuan: guilm: fonn. Chuir an fheóil mhéith flosc air: dobuan: “rith leis féin”. Tá a chuid flosca déanta: tá sé tréis bháis. Cad chneasóchadh an flosc dearg atá ar an mbuin: bruinne-dhearg: scaoing: folamhughadh mion, minic. Tháinig flosc an bháis air: an folamhughadh déidheannach lé linn éagtha. Is áidhbhéil an flosc oibre atá air, ’n-a chnuig ithearach ó cheann ceann na seachtmhaine: guilm: fonn, fuadar a’s fuirse an domhain. An oiread san flosca chun na feóla air nár fhan sé lé í do bheith leath-bheirbhthe: dúil mhairbh. Á, mhuise, flosc go raibh ort: craos: náire go dtugtar duit féin lé hairc.

flúirse: *b.4.* raidhse, sconnabheartacht, dóthain mór, iomadamhlacht, fairsinge, rabairne(acht), líonmhaireacht. Níl puinn aráin againn, mar ná raibh flúirse phlúir (den bplúr) istigh againn: breis agus oiread agus dhéanfadh sinn. Pé maith atá ann tá flúirse chainnte aige: iomadamhlacht: lándóthain: oiread agus nách gábhadh dho. Ar fhéachaint do dhuine ar bhórd mór-thomhaltais deir, “is maith í an fhlúirse”: an chuid mhór, mhór. Bheadh flúirse Ghaedhealainge dá gcuireadh fé séal i mball gurbh í an ghnáth-theanga í: a dhóthain mór: oiread agus gur bh’fhéidir leis go bog é féin do chur in iúil. Caith annso chugham, tá an fhlúirse ar do láimh riamh: an fhéile agus an fhlaithe: rabairne: sconnabheartacht nó tabhairt go fial, neamhleithleachais. Do dhóthain, ní hé atá uait-se ach flúirse: iomadamhlacht: raidhse. Fág flúirse im chulaith ag fás do bhead: breis slighe dom chorp. Má tá flúirse airgid agat, caith chugham púnt ar iasacht: breis agus déanamh do ghnótha. Tabharfaidh san aire dho féin, ná bíodh eagla ort, tá flúirse chéille aige: breis agus a dhóthain. An air sin do thugair únsa tobac? Á, mhuise, níl aon fhlúirse tómhais air: mara bhfuil sé fé bhun an tómhais caighdeáin tá sé ró-bheacht. Toirt ionat, a’s a rádh go bhfuil an fhlúirse slighe go léir uait: fairsinge. Ná bíodh aon doicheall ag teacht ort, tá flúirse eadrainn: breis agus an méid slighe atá ag teasdáil uainn. Caithfear stad den bhflúirse: féachaint rómhainn: gan bheith chómh rabairneach. Tá an samhradh ag teacht a’s beidh gach aon rud ag dul i bhflúirse: beidh breis fhagháltais ar muir a’s ar tír. Idir fhlúirse a’s ghannachar do níor scar an fhéile leis: péaca cuid bheag nó cuid mhór aige bíonn an croidhe mór aige. “Flúirse ó Dhia chughainn!” deirtear nuair thagann breis gan choinne: iomadamhlacht aonnidh. Saoirseóchaidh earraidhe nuair raghaid i bhflúirse: nuair bheidh breis díobh ann. “Annsúd do bhíodh flúirse agus cáiréis lucht súgraidh na gcúig gcúige chun dinnéir”: dóthain agus fuighleach a raibh láithreach agus aire go mbeadh togha a’s rogha ann. Is é a bheireas an fhlúirse leis: an chuid mhór de gach rud a

theastuigheas. Níl slighe againn sa leabaidh mar ná fuil an fhlúirse innte: an fhairsinge: faid agus leathadh a dóthain.

flúirseach: *a.* raidhseach, rabairneach, flaitheamhail, fairsing: mórchroidheach, fial, iomadamhail, líonmhar. Iasc chómh flúirseach san go raibh sé 'n-a bhréan-bhróin a's ná faghfí ceannuightheóir do: iomadamhail: breis de ann. Caith dhíot na bróga san, táid ró-liobarnach, iad ag tuiteam díot, mar táid ró-fhlúirseach: an iomad slighe ionta. Is flúirsighe go mór iasc 'ná feóil i dtigh: is féidir breis daoine do chur chun bídh leis: is féidir breis do bhaint siar as. Airgead chómh flúirseach lé gainnimh ar thráigh dá mbeadh aige chaithfeadh sé é: chómh hiomadamhail: bonn airgid in aghaidh gach gráinne. Dá mbeinn níos flúirsighe 'ná táim dob é an buidheachas céadna dhom é sa deireadh: níos féile. Báisteach go flúirseach airéir: mórchuid. Flúirseach fén mbaidh: fial 'n-a thabhairt. Tigh fada, flúirseach: tigh go bhfuil gach aon ghanna ann a's féile fé. Beidh bliadhain fhlúirseach againn ambliadhna, cá ngeóbhadh an teas a's an bhreághthacht: mórchuid tortha.

flúirseacht: *b.3.* flúirse, iomadamhlacht, breis agus dóthain. Níl aon teóra leis an bhflúirseacht: níl aon rud chómh maith lé dóthain des gach aonnidh agus croidhe mór.

fobhadh: (**foghadh**) *f.1.* ionnsaidhe: eitim: iarracht obann: sidhe: brostughadh: mothalughadh: iarracht ar éigean: sáthadh chun: rothag. Thug na Franncaigh fobhadh fés na Gearmánaigh ach cúladh iad: dheineadar sidhe sanntach ortha. An cailín bocht tá iarlais lé n-a saoghal uirthe, thug duine éigin fobhadh fúithe: rinne sé éigean uirthe nó ionnsaidhe ná raibh a toil leis. An spóla feóla ar fhaobhar an dorais thug scraiste sráide fobhadh fé a's d'árduigh leis: iarracht obann, phras: eitim. Budh neamhnáireach an fobhadh don té a árduigh leis airgead na mná boichte, daille: sciobadh, sáthadh táir. Thugamair fiche fobhadh ar an gcuan d'fhágaint amach, ach b'éigean dúinn filleadh le holcas na haimsire: iarracht ghrod, eitim. Tabhair fobhadh fé dhul treasna ach tá an abha an-lán: iarracht an uair is dóigh leat cao do bheith agat. Is fada me ag faire ar dhul ar bhur bhfiosrughadh, agus is dóigh mhuis tabharfad fobhadh lá éigin sara fada: cuaird obann gan choinne. Tháinig fobhadh oibre in árd an tráthnóna siar air: eitim: iarracht gan choinne. Tabharfaidh duine éigin gur cuma leis fobhadh ar do phóca ar a liobarnaighe atá do chuid airgid agat: sidhe. Thug an sionnach fobhadh fén gcródh agus d'imthigh lé circ: fiosrughadh grod (conntabharthach). Ag goid, ag fobhadh 'sag fuadach atáid riamh: ag breith cuid cách leó i gan fhios: ag tabhairt seápa fionntair fé: ghá árdach leo. Ní foghadh ná goid ná fuadach é seo, ach mo chuid mhín, mhacánta féin. Lucht foghaidh: lucht ruathair foghluithteach. I gcoim oidhche tháinig lucht foghaidh agus iad i mbréig-riocht, a's níor fhágadar nidh luachmhar sa tigh gan árdach leo: dream a árduigheas leó cuid chách de dhruim éigin.

fobhaim: (**foghaim**) *b.a.* ionnsaidhim: sonaduighim, sciobaim. D'fhoghadar an baile a's d'árduigheadar leo gach aon rud a thaithnigh leó: d'ionnsaidheadar é ar inntin cuid na ndaoine do bheith aca lé neart. Ní hamhlaidh do fuairis riamh é sin ó aonne, d'fhoghais é: sciobais i gan fhios é nó d'árduighis leat le barr nirt. Ná foghaidh aon rud sa tsiopa so, iarr é a's gheóbhair: ná hárduigh chun siubhail le hinntin ghadaidheachta nó foghlaighdheachta.

fóbraim: *b.a.* ionnsaidhim, tosnuighim, tugaim fé. D'fhóbair dom tuiteam: ní mór ná gur thuiteas: ní raibh ann ach a rádh gur scaras leis. D'fhóbair go marbhóchadh an t-urchar é, bhí sé i bhfad gan aithne gan úrlabhra 'n-a dhiaidh: ní raibh ann ach gur thug sé na cosa leis. Ar thárlachtaint do thionóisc ar dhuine, deirtear leis. "d'fhóbair duit": d'éaluighis díreach. "Cad n-a thaobh nár tháinighis, thugas an tráthnóna ag feitheamh leat" – "d'fhóbair dom": bhíos ar lán-inntin teacht ach choisc rud éigin me. Budh ró-dhóbair (ró-d'fhóbair) don bhfalla tuiteam: ní raibh ach a rádh gur fhan sé n-a sheasamh. Ar dhóbair tú do bháthadh mar siúd?: an ndeaghais i ngiorracht do? Níor dh'fhóbair in ao'chor é do leigheas: b'fhada uaidh é. D'fhóbair cluiche an uair úd: bhí an cluiche ar barrghal.

focailín: *f.4.* focal beag, mionchainnt: carbhall. Focailín id chluais léd thoil: budh mhaith liom labhairt ós íseal leat. Ná tóg air é, ní raibh ann ach focailín suilt: carbhall beag chun seóidh. Ní thaithnigheann focailínidhe magaidh in ao'chor leis: tá sé tógálach a's ní maith leis fonmhóid gan éifeacht. Dá bhfaghainn-se an focailín uaidh is tapaidh do bheartóchainn: a luighead misnigh nó tafanta.

fochair: *b.2.* athchomaireacht, giorracht, fiadhnaise, cuideachta, cuibhreann. Déarfainn gur cheart dúinn bheith i bhfochair don áit anois a's a fhaid atáimid ag taisdeal: in athchomaireacht do. B'fhéidir ná fuil sé na cheithre fichid slán, ach tá sé i bhfochair dóibh: buailte leo. Tair im fhochair, is fearr beirt 'ná duine: im chuideachtain: im chabhair. Níl neach 'n-a fhochair anois: d'imthigh a dhaoine go léir. Suidh im fhochair, is aoibhinn liom do chuideachta: in aonfheacht liom. Táim dealbh a's 'n-a fhochair sin níl foillse (foisle): bocht agus 'n-a theannta san níl aon mhaoin fhaiseanach shaoghalta agam. I bhfochair a bheith ocrach táir tartmhar: i dteannta. B'fhearr léi bheith i bhfochair fear ná i bhfochair ban: cuideachta. Cruinnigh do mheabhair i bhfochair a chéile, a's ná bí id cheap magaidh gen ndúthaigh: i dteannta. Táthaoi i bhfochair a chéile, a fheara: bailighthe i gcuideachtain, i ndíorma, etc. Chuireas mo chuid éadaigh i bhfochair a chéile isteach 'on chófra: go gasta, cóirighthe. An bhfuil an fóghmhar i bhfochair a chéile fós agaibh?: fuigheallta, fálta, fuirsighthe.

fochais: *b.2.* (*iol.* fochaisidhe) cloch nó carraig fé loch, fé uisce. Bhuail an long ar fhochais agus dhein dhá loma-leath dhi: ar charraig ná raibh lé feicsint os chionn uisce. Fochais tráighte: ceann a nochtas ar an aithbhe. Fochais seadh an Duibhir ná nochtann ach lé droichaimsir: carraig bháidhte: fé loch. Fochaisidhe a's beilichínidhe conntabhairt luingis.

focal: *f.1.* briathar, rádh, ainm, téarma. "Bhíodar ón bhfocal beag go dtín bhfocal mór": iad ag tabhairt gach re seadh dá chéile: ag dul i ngéire, i gcruadhacht agus i dtarcuisne lé chéile: ag éirghe chun a chéile. "Ní sháróchadh aonnidh an seanfhocal": "Is deacair an seanfhocal do shárughadh": an chainnt theagaisc atá bunuighthe, aduighthe ar thaithighe. "Níor bhris focal maith fiacal riamh": ní bhíonn duine aon rud caillte lé labhairt go maith ar a chómharsain nó rud ar bith a bheadh i dtreis. Dubhairt sé de chion focail go dtáinig tuairisc a mharbhtha chuige: gan réamh-mhachtnamh: gan mhachtnamh gan groga. Is minic a deir duine lé rith focail rud ná meádhann sé: tuisleadh teangan. "Is fearr focal sa chúirt ná púnt sa sparán": b'fhearr dhuit léighe do bheith leat ag daoinibh cómhachtacha a

dhéanfadh teasardha dhuit ’ná pócaidhe airgid chun do chúise do thagairt. Bhain sé mo lámh a’s m’fhocal dhíom fanamhaint ’n-a fhochair ar feadh mí: chaitheas san do gheallamhaint do. Éist le focal Dé: teagasc. Bhíodar ag tabhairt na bhfocal go maith dá chéile, mar budh chlos dom-sa: ag argóint: íde bhéil eatartha. Cuireadh focal chun an dochtúra teacht agus friothálit ar an bhfear goirtighthe: cuireadh fios air. “Cad ná déanfadh sé ar a bhéal” – “focail mhóra agus mogaill fholamha” a bhíos ag an bhfear san: gheallfadh sé go ndéanfadh sé na huirc a’s na hairc, ach ní bhíonn aon toradh ’n-a chnódh. Ní raibh an focal bog riamh aige d’aonne ach an focal cruaidh: ní raibh lághach ná maithteach riamh ach dian do-mhaithteach. Níor labhair sé focal ná cuid d’fhocal, fíné air sin me: níor oscail sé a bhéal mar seo ná mar siúd. Ná tagadh focal as do bhéal faid agus bhíonn duine eile ag cainnt: ná bíodh smiog asat: bí id thost. Dar ndóigh níl aige ach focail fuarbheirbhthe Frainncise: focail gan tábhacht. “An bhfuil Gaedhealaing aige?” – “focail”: fíor-bheagán. Tá focail chainnte aige: ag tosnughadh ar labhairt ar nós leinbh óig. Beidh sibh ó fhocal go focal anois go mbruigheanfaidh sibh mara stadaidh sibh láithreach baill: ag dul an-dhian ar a chéile i ngéire cainnte. “Focal i gcluais agus chualaidh an tigh é”: d’iarraidh bheith rúnmhar i gcómhchlos do n-a mbíonn láithreach. “Ón bhfocal bog go dtín bhfocal cruaidh”: ar dtúis ag áiteamh go mín, ach ag dul i bhfaid, ag dul i ngéire. Innseadh dom an chainnt focal ar fhocal: díreach mar dubharthas ar dtúis í. Creidim ar t’fhocal tú, tá a fhios gur fear fírinneach tu: geallamhaint. Glac m’fhocal leis ná fuil ann ach éitheach: mo rádh, mo dhearbhadh. (Tugaim) mo lámh a’s m’fhocal duit go bhfaghair na fiacha: creid go diongmhálta go gcóimhlíonfad mo gheallamhaint. Chaithfeadh sé an focal déidheannach do bheith aige: a chóiriughadh féin ar gach aon rud. Dá mbudh fear dá fhocal é ní dhíolfadh sé an capall a bhí geallta aige dhom-sa: fear seasta a’s cóimhlíonta a gheallamhna. “Éireóchaidh leat go hiongtach, ná bíodh eagla ort” – “bíonn an focal maith agat i gcómhnaidhe”: cainnt mhisneamhail. “Cad n-a thaobh nár ionnsaidhis an t-ionad úd led chuid fear?”- “bhíos ag feitheamh (an fhocail) leis an bhfocal uait-se”: an t-órdughadh. Fuaireamair an focal go rabhthas chun foghaidh do dhéanamh ar ár scairt le lóchtaint an lae a’s bhíomair ullamh ’n-a gcóir: fógra. “‘Sársfaild’ an focal (fartha) agus ‘Sársfaild’ an fear!”: an slánfhocal: focal áirighthe do tugtar d’fheighlidhe nó d’aonne i mbun a dhualgais agus a malartuightear i ndáil buailte lé chéile mar chómhartha ar chosaint neamhchoinne nó ionnsaidhe ó namhaid. “Ní chreidim thu” – “níl aon leigheas agam-sa ort mar sin, níl ar aonne ach a fhocal”: caithfear glacadh lé geallamhaint duine go dtí go bhfionntar an dtéigheann ’n-a chois nó an gcóimlíonann sé é. “An bhfuil Béarla agat? – “focal na fuaire”: nách fiú trácht air. “Níor bhris focal maith fiacal riamh”: faic ní bhíonn duine chun deireadh leis an gcainnt fhearamhail, mhisneamhail. “Seadh, tá scéala maithe agam díbh” – “nára chloiseann aon droch-fhocal choidhche agat”: aon rud a chuirfeadh buadhairt ná mímhisneach ar dhaoinibh. Thugais an-fhocal (árd-fhocal) an uair úd do: freagra gonta nó cainnt chómhgarach a chuir ’n-a éisteacht é. Ní fhéadfadh sé labhairt as Gaedhealaing fós, níl aige, ach focail bheaga: beagán. Duine neamhchráibhtheach ná fuil focal n-a phluic ach diabhail a’s deamhain: ná féadfadh an dara focal cainnte do dhéanamh gan bheith ag raide mhionn mór. Dá fhaid do bhís ar scoil níl focal agat lé caitheamh leis an madra: oiread foghlumtha a’s go bhféadfadh glaodhach ar mhadra nó é do sháthadh lé hainmhidhthibh. Is iomdha cor do cuirtear i bhfocal: an chiall do bheadh ag duine lé cainnt b’fhéidir gurb é malairt tátail do bhainfeadh duine eile as. “An rabhadar ag

achrann?" – "bhí focail aca (eatartha)": argóint nó áiteamh te. Níor thuigeas uaidh ach mion-fhocal bhí sé ró-fhada ó bhaile uaim: focal annso agus annsúd.

fochall: (**fochal**) *f.1.* ball olc nó lobhtha i bpráta nó i dtoradh ar bith, salachar: an t-othar a chaitheas duine breóidhte amach. Eagla orm gurb é fochall an bháis atá 'n-a scórnaigh: an t-othar a bhailigheas innte gur tuar báis é. Ubhall fochaill é sin, caith uait: go bhfuil cuid de lobhtha. Déanfaidh an lámh san fochall ar an droch-chlódh atá uirthe: lobhfaidh an fheóil. Prátaidhe lán d'fhochallaibh a's de réadhannaibh: baill lobhtha agus baill éasca. Budh mhaith folláin do-chaithte an treabh iad ní raibh aon fhocall ionta: éasc: úidh: ball olc: ball meathta. Ar an dtuargaint casachtaighe bhíonn air ní fhéadfadh gan fochall bheith 'n-a chroidhe: drochiomchar: ball míofholláin.

fochallach: *a.* croidhe lobhtha, lár-dhreóighte: garach, otharach. Cneadh fhochallach in aice a lorgan ag fíor-shileadh: garach: brachach: brach nó gar lobhtha ag teacht. Prátaidhe (ubhalla) fochallacha: go mbíonn an croidhe lobhtha nó dreóighte ionta.

fo-cheann: *f.1.* corr-cheann, ceann anois agus airís. Ní raibh acu fo-cheann ag breith orainn go dtáinig an ionbhaidh: iasc anois agus iasc airís. "An bhfuil mórán púnt agat? – "fo-cheann maith": cuid chuibheasach. "An bhfuil leabhartha maithe agat?" – "fo-cheann": beagán. Fo-cheann des na gunnaidhibh móra do saoradh san ruaig: corr-ghunna. Fo-cheann des na laetheantaibh do thiocfadh sé mar thiocfadh a theadh air: lá anois a's lá airís.

fo-cheist: *b.2.* corr-cheist, ceist neamhthábhachtach. Níor fhéadas ach fo-cheist d'fhreagairt, bhíodar ró-dhian orm: ceist annso agus annsúd. Níor stad sé ach ag cur árdcheisteanna agus fo-cheisteanna orm: gach saghas ceiste.

foclach: *a.* mórchainnteach, briathrach, glórach, fadálach. Thoir ná thall ní bhfaghaim é, tá sé ró-fhoclach dom, ní fhéadaim é do leanamhaint: iomadamhail fén gcainnt gan puinn smaoineamh. Má tá sé mór-fhoclach féin níl aon díoghbháil ann, ach a bhfuil de bhagairt, ná tagadh aon scáird ort roimis: bladhmanach: áidhbhéiseach. Budh ghonta go mór a chuid óráididheachta dá mbeadh sé gan bheith chómh foclach: fadálach: do leanamhaint a's do dhul chun leadaráin chainnte. Ná bí chómh foclach liom-sa, tair san gceanntsláine den méid atá lé rádh agat seadh is mó a thuigfead thu. Is suaidhte, foclach an duine thu, chuirfeá tinneas cinn ar aonne ó bheith ag éisteacht leat: ciapuightheach toisc a fhaid do thugair ag cainnt. Chuir sí a méireanna 'n-a cluasaibh níos túisce 'ná bheadh sí ag éisteacht lé n-a theangain bhorb-fhoclaigh: cainnt láidir: cainnt gháirseamhail. Deirim-se leat go raibh sé mín-fhoclach linn indiugh, bhain an méid adubhramair leis cuid den dteasbach cainnte dhe: tláith, lághach, sibhialta. Bí teann-fhoclach leis, ná cuireadh a ghothaidhe eagla ar bith ort, tabhair gach re seadh dho: forasta, daingean, do-chorruighthe. Ní cuideachta d'aonne an té a bhíos droch-fhoclach: ná bíonn banamhail. Bíonn sé go deagh-fhoclach le gach aonne a thagas treasna air, tá a rian air, tá meas air: tugann sé cainnt chneasta uaidh, cómhairle mhaith, focal séimh mar an féidir leis an mhaith do dhéanamh. Chloisfeá míle ó bhaile iad ag áiteamh ós cionn an óil bhíodar chómh glór-fhoclach san: gleódh cainnte a's fuaim as throscán a's gloinidhe.

fochmhaid: *b.2.* fonómhadh, stealla-mhagadh, lán-tarcuisne. “Ná dein fochmhaid fé sheanduine nó fonómhadh fé sheanóir: ná bíodh tarcuisne agat i dtaobh cuid mhaith dá aos do bheith tagaithe agus ná bí ag gáiridhe a’s ag stealla-mhagadh fé aonne dá aindeisighe é le trom-aois.

fochrothadh: *f.* (*-oithe*) crothadh nó suathadh ó thalamh. An fochrothadh thug an madra don bhfranncach go gcloisfeá cnagadh gen-a chnámh droma san: suathadh a’s tuargaint in uile-bhall dá chorp. Thug an chrith talmhan fochrothadh gránda don Turcaigh seal ó shoin gur leagadh bailte i ngabhal a chéile díreach a’s dá mbudh ná beadh ionta ach caisleáin ghainimhe leanbh: creathadh, luascadh agus leagadh. An fochrothadh baineadh asam nuair caitheadh go hobann i gcoinnibh an fhalla me, ní mór ná gur bhain an mheabhair as mo cheann: an tuargaint agus na ríoga a lean í.

fochrothaim: *b.a. 7 n-a.* cuirim iachall ar rud crith go guairneánach, crithim. Rugas ar bhrollach casóige ar an amadán agus thugas stracadh dho gur fhochrothas chómh mór san é go raibh a fhiacla ag cnagadh annsúd ar a chéile: thuairgneas é: bhaineas suathadh as a chorp. Mara mbeifeá déanta d’iarann ar leithrigh d’fhochrothfadh fuacht an lae indiugh thu: cuirfeadh ar baill-chrith duine ó bhathas go trácht.

fód: *f.1.* uachtar na talmhan, cuid de ar n-a bhaint: caob den talamh a’s féarmhar: ball áit áirighthe, (an) láthair: ciall, meabhraidheacht, fuaimeant. Fairír, is fada rogha na bhfear ag iomchar na bhfód: adhlactha. Nára fada ná go gcuirtear fén bhfód thu: san úir. B’fhearr dhom an fód orm ’ná bheith ag bruic libh: bheith marbh. Gach aon rud fén bhfód anois ges na feirmeóiridhibh: na barraidhe curtha aca: an t-earrach déanta. Talamh gan fód ní mór do mórán báistighe: gan aoirde cré agus croicinn. Fan fén bhfód (ag treabhadh): fan níos doimhne. Ná téighir doimhin annsan. Fód éadtrom atá ar an ngort san: idir chroiceann ghlas (scraith) a’s chré níl sé árd. B’fholláin dom go dtáinig cabhair ar an bhfód mar mara mbeadh san choidhche ní fhéadfainn “treabhadh” abhaile a’s cos bhriste agam: ar an láthair. Díreach ar chur na luinge ar tóin puill don mbád fé thuinn tháinig bád tárrthála ar an bhfód agus shaor na máirnéalaigh: go dtí an ball ’n-ar thárlaidh an t-ionsaidhe. Ar an bhfód go bhfuil sé is fiú céad púnt é .i. gan aon atharrughadh ar fheabhas: mar sheasuigheann sé. Ná bíodh sé den diabhal ort an fód san d’fhágaint go bhfeicir cad thárlóchaidh agus cunntas do bheith agat dom: an ball ’n-a bhfuilir. An meathtach thú go bhfuil eagla ort ná seasófá an fód: do thriail do sheasamh: cath do thabhairt. Agam-sa atá an cunntas cruinn ar cad a thárlaidh mar bhíos ar fhód an chatha: san áit ’n-ar theangbhuigh an bheart. Fear gan aon fhód, aonne a thabharfadh gach re seadh dos gach aon dailtín a thiocfadh treasna air: gan aon fhuaimeant fir leis: ná caitheann ciall is stuidéar lé rud sara mbeartuigheann sé. Bíodh fód éigin ort gan talamh slán do dhéanamh de gach scéal do chloisir: bíodh ciallmhaireacht leat: ná téigheadh ráflaidhe it cheann ar an bprap. D’iarras ort cheana fágaint; fág ar an bhfód so anois nó ní bheir ábalta ar fhágaint: ar an uain seo. Ní túisce thána isteach ’ná labhair sé ar an bhfód liom: san áit agus ar an uain. Dá mbeitheá ag cainnt liom-sa go liathfá ní raghadh do chuid cainnte i bhfód orm: i luighe gaibhte: ní ghoillfeadh orm. Thuit sé ó bharra na haille agus sé rud do shaor é ar ghránlach a dhéanamh dá chnámhaibh fód glas gur stad sé air: túrtóg aonair. Faid a’s bhead ag siubhal an fhóid ghlais ní labharfad leis: na talmhan: beó. Is beag maith bheith ghá lorg annsan, is fada an fód san fágtha aige: an ait sin. B’éigean

dom dul i bhfód fé leith uatha toisc iad do bheith ar mo thí: in áit as an slighe uatha. An té a bhíos ró-cheanamhail ar an gconntabhairt is baoghalach gurb ann do bhíonn fód a bháis: gur léi do thuiteann sé. Claidhe fód sicín: go mbíonn gach fód bainte doimhin agus sleamhancanna fiar-sceó ar a dhá cheann d'fhonn a's go luighfidís sa chlaidhe go dlúth a's go bhfásfadh ar nós an ghuirt féin: choidhche ní ruadhann an féar annsan air. [Ón bhfocal "sac" = tirim, cruaidh. Bíonn an claidhe seo tirim gan aon amhras]. An ar t'fhód dúthchais atá do thriall?: áit saoghaluighthe. Prátaidhe fé fhód: síob go n-iompuightear an fód glas anuas air. Talamh éadtrom grinn ná tháinig chun fóid riamh: ná seithe ceart, righin, árd air. Táir ar an bhfód ceart anois chun bídh d'fhagháil: san áit cheart. Mo sheasamh ort, is tu an fear ar an bhfód: an fear ceart san áit cheart. Ar fhód an domhain budh dheacair fear is fearr 'ná é d'fhagháil: sa domhan uile. Talamh gan puinn maitheasa an log san fód criothach é uile go léir: luascach: féitheach. Leigtear do féin, ní haon deaghiontaoibh é. Tá an fód imthighthe ar fad de: chuir rud éigin as do, a's níl sé ró-stuidéardha.

-fhód: (*-fhóid*) Caol-fhód: an fód do fágtar i lár slighe tréis dhá fhóid d'iompódh ó chéile. "Ní treabhthaidhe go caol-fhód cam" (seanfhocal) .i. is ann do bhíonn an treabhadóir ar a thástáil.

-fhódach: *i gc.fh.* fé fhód, lé fód. Talamh trom-fhódach: go mbíonn seithe (croiceann) árd, righin air agus doimhne deaghchré. Níor tuigeadh gurbh fhear trom-fhódach a dhóthain é chun bearta chómh tábhachtach lé stiúrughadh scoile do thabhairt do: mórfhuaimeantamhail: gaois agus ciall agus bunadhas oireamhnach air. Lag-fhódach, etc. etc.

fódamhail: *a.* ciallmhar, fuaimeantamhail. B'fhódamhla go mór do rinne an Danmharg a beart a's gan dul chun troda leis an nGearmáin ná mar do rinne an Orbhuaidh a chuaidh, féach ar an dtoradh: budh chiallmhaire. Is neamhfhódamhail an chainnt duit a rádh gur bh'fhearr do dhuine bheith díomhaoin 'ná bheith ag obair: neamhfhuaimeantamhail: rud is róshoiléir ná fuil fíor. Daoine fódamhla iad súd, a thugas aire dá ngnóth féin, ná cuireann bréag ná scéal ar aonne: ciallmhar, an-thuisgeanach.

fódbhán: *a.* de thalamh bán. D'imthigh a gcuid talmhan 'n-a fhódbhán: gan treabhadh gan cur. Portach fódbháin ní hé a chuid móna is fusa do thriomughadh: go mbíonn mianach geal ann. Deaghcheanntar 'n-a bhfuilid sa Mhidhe, ceanntar fódbháin: talamh fionn: taithneamhach.

fód-dhoimhin: *a.* Port fód-dhoimhin: árd: de mhórchuid mhóna ar aoirde. Feirm fód-dhoimhin: go mbíonn seithe a's cré árd innte.

fo-dhuine: *f.4.* corrdhuine, duine fáin. Fo-dhuine a dhéanfadh a dhíoghbháil féin i bhfios do féin: duine fáin. Ar an sráid indiugh ní raibh ach fo-dhuine ní chómhaireófá fiche duine ann: corr-dhuine: fíorbheagán. Bainim leis na fo-dhaoinibh, níl ceárd, ealadha, maoin ná saidhbhreas agam: a bhaineas leis an gcoitchiantacht. Fo-dhuine seadh é ar ár nós féin gan éirghe anáirde ná tóirtéis: duine réadh-chúiseach: urra ar nós aonne eile.

fogha: *b.4.* ionsaidhe, seáp, eitim, iarracht (obann). Cómhachta an Iarthair agus an Ghearmáin ag milleánughadh a chéile tréis gach fogha do tugtar fes na tíorthaibh beaga: ionsaidhe. Fogha obann gan choinn thug an Ghearmáin fén nDanmharg a's an Orbhuaidh gur chuir iongadh agus alltacht ar fhurmhór an domhain mhóir: seáp ná raibh súil ag neach ar an uain sin leis. Thuit na háruistidhe ar an úrlár a's deineadh ciota fogha dhíobh: blodhtacha: mionbhlúiridheacha mar chaithfeá le héan. Ní goid ná fogha ná fuadach é seo ach mo chuid mhacánta féin: ní hamhlaidh a thógas é seo i nganfhios ná trí iarracht guaise, ná é d'árdach liom de neart. Thug luingeas aoir an dá thaoibh fogha sanntach fé n-a chéile ag cur teine chroidhearg lastuas dá chéile: ionsaidhthe go rabhadar d'iarraidh deis agus lom marbhtha d'fhagháil ar a chéile. Budh ghránda an fogha thug an gadaidhe fém chasóig ná raibh buailte tharm díreach agam a's gur árduigh leis: seáp nó iarracht chonntabharthach maidir lé breith air. Thugamair na cosa linn acht ní raibh ann ach fogha: eitim: iarracht ná rabhamair deimhnightheach an éireóchadh linn nó ná héireóchadh. An cailín bocht tá cimiar lé n-a saoghal anois uirthe, tá leanbh toghartha aice, pé fleascach a thug fogha fúithe: a dhein uirthe nó a chumaisc í ar gheallamhaint phósta. Lá breágh éigin tabharfad fogha ar an áit is fada me ag cuimhneamh ar chuaird do dhéanamh: ruathar gearr: cuaird idir dhá linn.

foghail: *b.3.* creach, goid, sluid, éigceart, bradaidheacht, fuadach. Ná bítear ag maoidheamh air as a n-itheann sé, is beag é a fhoghail ar an mbiadh: ní mór de do thuiteann leis. As an méid foghla do dhein mo chuid stuic ar arbhar mo chómharsan – á itheadh agus á phastáilt – b'éigean dom chúig phúint d'íoc: an chreach: an díoghbhail. "Budh cheart d'fhear na foghla bheith bodhar" .i. an té go mbíonn rud déanta as an slighe aige is é a bhail gan leigeant dá theangain labhairt uirthe, is cuma dho cad gleódh do chloiseann sé 'n-a taobh. "Ní cionntaighe fear na foghla (do dhéanamh) 'ná fear na foghála" .i. an té a thógas sluid ó shladaidhe go feasach tá sé chómh holc leis an bhfear eile. "Ag tabhairt rabhadh tréis na foghla bheith déanta" .i. an lá tréis an aonaigh. "Ag cuardach na snáthaide sa bhfoghail" .i. ar lorg an ruda ná fuil aon dul air. Chúig uaire do deineadh foghail ar Chorca Dhuibhne agus do dóghadh í: creachadh í: níor fágadh biadh ná beatha ges na daoinibh. Dhearbhuigh Sasana go raibh an Ghearmáin ag foghail na Pólainne, gan truagh aice do chuid, do mhaoin ná dos na daoinibh féin: ag bánughadh na tíre: ag déanamh cosair easair di. B'é lá na foghla é, an lá caitheadh amach ar thaobh bóthair fiche líon tighe: lá na díoghbhála lán-éagcóraighe. Ar bhfágaint an tighe dos na Dubhchrónaigh a's a ndícheall do dhéanamh air, bhí sé 'n-a fhoghail aca: 'n-a chill-thuathail: 'n-a chosair easair: an rud ná raibh briste, brúighte aca bhí árduighthe chun siubhail aca. Bheadh cao éigin aige ar na cosa do bhreith ón ndlighe leis mara mbeadh an fhoghail d'fhagháil aige: an tslaid. Seachain a's gearraidh an t-arán i gceart a's na dein foghail air: ná dein é do lat. Bain an t-arbhar 'n-a cheart gan foghail do dhéanamh air: gan easair do dhéanamh de. Cas na hainmhidhthe as an bhfoghail: as an ndíoghbháil.

foghailte: *a.r.* creachta, laitighthe, creachach. Piastaidhe foghailte do ghabáiste seadh na silimididhe cladhthach san: creachach, díoghbhálach. Is foghailte an deoch don dtaobh laistigh an iomad beathuisce, itheann sé amach as dhuine é: is mó do ghníos díoghbháil. Seadh, thóg an bás an duine déidheannach clainne uaim a's táim foghailte i gceart anois gen mbitheamhnach: creachta. Féach ar mo phócaidhibh más maith leat é, táid chómh follamh lé croidhe do dheárnan, foghailte ó bheith ag imirt chártaidhe: dealbhuighthe.

Bradán ar bith ní bhfaghfá ar an abhainn seo, deir na báillidhe uisce go bhfuil sí foghailte ge lucht bradaidheachta: sladuighthe: coillte.

foghaim: (**fobhaim**) *b.a.* ionsaidhim, tugaim fé, beirim liom lé heitim. Dá n-innstí an fhírinne dhuit-se, a dhuine chóir, níl faic agat ach rud d'fhobhais: a thugais leat i ngoid i nganfhios. Ná fobhaidh aon rud, b'fhéidir lá éigin, go mbéarfí ort a's annsan, chuirfí i bhfód ort gur náireach an rud é: ná hárduigh leat faic i nganfhios, gadaidheacht. Mo cheól thu! is maith d'fhobhais an leanbh san ó léidhe an ghluaisteáin: sciobais in iarracht chonntabharthaigh. Mara bhfaighead ar a iarraidh é, nó ar a cheannach nó ar iasacht in áit ar bith foghfad é: béarfad liom i nganfhios é: d'iarracht fhuraiste nó chonntabharthaigh. Seachain, tá scataidhe ar an rás a fhoghfadh aon nidh a bheadh ar bóiléagar: a sciobfadh le gliocas sionnaigh.

foghair: *b.5.* glór géar, feadghail. Foghair na gaoithe sa tsimné: an glór caol, árd, géar. Lá dá rabhas ar chaladh Átha Cliath ag féachaint ar luing mhóir adhmaid budh dhiamhair leat bheith ag éisteach leis an bhfoghair a bhí ge n-a crannaibh, a slata a's a téada: an fheadghail thar meón ón ngaoith.

fógairt: *b.3.* rabhadh, bagairt, fuláireamh, craobhscaoileadh poiblidhe: do dhéanamh cómharthaidhe bagartha nó stiúrtha: ruagairt. Raghadh ag fógairt na gcaorach ón ngort leis an madra: lé cabhair an mhadra ghá ruagairt. Bhí a chuid ainmhidhthe i bhfógairt orm a's b'éigean dom iad d'fhógairt do: a chur in iúil do i dtaobh na foghla agus a gcoimeád feasta. Tháinig an múinteóir ag fógairt mo mhic dom: ghá ghearán i dtaobh a iomchair ar scoil. Dlighe ann anois má gheibheann duine raic gurb éigean do a fógairt: dul go dtín lucht ceannais ghá chur in iúil dóibh í do bheith aige. Chuaidh ainmhidhe amugha ar fheirmeóir ar an aonach agus chuir sé dhá fhógairt é .i. chuir sé fear cluig amach ar fuaid an bhaile ghá chur in iúil gur thárla san. Chailleas mo rothar a's chuireas dhá fhógairt é ar na páipéaraibh: gearr-chunntas ag tabhairt feasa 'n-a thaobh. Bíonn croidhe na máthar briste ó bheith ag fógairt ar an leanbh ceanndáine carraidhe sráide agus gluaisteáin do sheachaint: ag cur na conntabharthach atá ionta in iúil do. Táim fé fhógairt gan dul i ngiorracht ná i ngaor don gcuan san: órdughadh fachta agam. Fógairt ó rí na Danmharga indé dá dhaoinibh a suaimhneas do cheapadh a's gan cur chun ná ó arm sealbha na Gearmáine: órdughadh poiblidhe: craobhscaoileadh. "Cuid den aire an fhógairt" .i. an té go mbíonn fios fachta roim ré aige ar rud lé teacht is dóichighe gur féidir leis é féin do sheachaint ar an gconntabhairt. Fógairt chatha ar an bhFrainnc ag an Iodáil: ise ghá chur in iúil di trí órdughadh ríoghdha. Fógairt an tsagairt ón altóir go raibh an t-eagla aige roimis: mímheas agus dío-mholadh do chur in iúil go poiblidhe. B'fhearr leat bheith céad míle ón bhfód 'ná bheith ag éisteacht leó ag fógairt a chéile soir siar: ag bagairt go droich-ídeamhail, neamhnáireach. Mise d'fhógairt don ndiabhal, an eadh? tá tor mór agam air féin agus ort-sa: ghom mholadh dho agus ghom chaitheamh suas air. Cuireadh fógairt ar an bpáipéar go raibh galar áirighthe ar eadáil agus gur cheart na hainmhidhthe do mharbhadh gan mhoill: dreag: órdughadh poiblidhe gur chóir déanamh dá réir. Dá nglacainn an fhógairt do fuaireas ní raghainn amugha: an stiúradh slighe do tugadh dom. Níor bheag d'fhógairt d'aonne féachaint idir an dá shúil air: budh leór san mar rabhadh (cómhartha) gur cheart é do sheachaint. Níor bh'fhios dom cad budh cheart dom do dhéanamh leis, budh mhar a chéile dhom an dlighe d'fhógairt air nó mo mhéar do

chuimilt do chloich: a rádh san leis ag súil lé heagla do chur air. Ag fógairt chíosa: scéala dhá chur amach é d'íoc. Is deacair gur droch-fhógairt d'aonne foidhne do bheith aige: rabhadh: cómhairle ar son baile dhuine. Is tinn duit má néir aon rud faid bheidh braon it shúil airís thar m'fhógairt: tar mo chrois: in aghaidh an nidh atá curtha in iúil agam duit. Ar threathar na n-éan a's ar ghlór na gaoithe d'aithnigheas fógairt do bháis: gur scéala dhom é nár bh'fhada uaim é.

foghal: *f.1.* an chas-taoide a dheineas talamh ar gach taobh (cois talmhan) i gcoinnibh na treó n-a mbíonn an taoide cheart ag gluaiseacht. Bíonn an rud céadna lé feicsint cois port abhann ar gach taobh den gcuilithe. Ar chasadh don bhfoghal .i. tímcheall an chéad ceathramhan da aithbhe nó dá thuille. Ag an am go mbíonn sí rithte láidir go maith.

fóghanta: (**foghanta**) *a.* áiseamhail, feidhmeamhail, maith, deagh-riaghalta, macanta, ionraic. "Dé bheatha-sa a's rud fóghanta agat": rud áiseamhail dúinne nó lé n-itheadh: gan é b'fhéidir ná beadh fáiltidhe chómh flúirseach. "Connus bhrathair?" – "ní go maith ná go fóghanta é" .i. ná ar feabhas: níl aon "chrích" in ao'chor ar mo shláinte. Ní leabhar fóghanta é sin dhá léigheamh agat: míriaghalta. Ní ghá chasadh leat é, is fada gur choidrighis cuideachta fhóghanta ach gach reaimpéir is measa ná a chéile: cuideachta bhéascnaidh. Ní biadh fóghanta prátaidhe a's salann, ní mór gur fiú iad do chaitheamh lé n-a n-olcas.

fóghantach: (**foghantach**) *a.* áiseamhail, (go) maith, feidhmeannach. Cad é an rud is fóghantaighe d'iascaire ná scian: is áiseamhla, is mó theastóchadh uaidh lé linn broide. Ní hí go minic an earra is daoire is fóghantaighe: is fearr chun gnótha do dhéanamh. Bíonn madra maith i dtigh árd-fhóghantach, is iomdha turus tímcheall ainmhidhthe do shaorann sé: deineann sé seirbhís mhór.

fóghantacht: (**foghantacht**) *b.3.* áiseamhlacht, earraidheacht, dóthain, maitheas. Caith uait an droch-rud san gan fóghantacht, dar ndóigh ní áis ar bith d'fhéadair do bhaint as: gan mhaitheas. Ní fóghantacht ar bith dhom an capall so, mar ná bainim aon ghnóth as: earraidheacht: áis. Dá mbeadh ár bhfóghantacht d'arán againn ní bheadh ceal ar bith orainn: dóthain. Níl aon fhóghantacht i dtigh duine bhoicht is mó 'ná prátaidhe a's bainne: is mó go mbíonn a sheasamh ortha.

fóghantaidhe: (**foghantaidhe**) *f.4.* seirbhíseach, feadhmannach. Ní maith an fóghantaidhe dhuit féin tú, riamh ní fheaca faic dhá dhéanamh agat duit féin, a rádh go mbeifeá it fhóghantaidhe mhaith dhomh-sa: duine a bhíos fé cheannas dhuine eile chun dualgas áirighthe do dhéanamh do. Bíonn ar fhóghantaidhe órdughadh neamhdhleaghthach a mháighistir do chóimhlíonadh. Fóghantaidhthe an Stáit: na stáit-sheirbhísigh.

fóghantas: (**foghantas**) *f.1.* áis, dáil nó cáilidheacht maitheas, bríoghmhaire, tairbhe, feidhm. Nuair cuireadh na monchraidhe siúicre ar bun bhíodh mórán ghá shuidheamh nár bh'aon fhóghantas don ndúthaigh iad, ná beadh maith sa tsiúicre agus so súd agus súd a's so: rudaidhe tairbheacha. Bristear as a bheart múinteóir gan fóghantas, gan bheith

eólgaiseach ar mhúinteóireacht. Is mór go leór in áit iargcúlta an fóghantas guthadhán, dá mbeadh broid lé dochtúir, sagart nó aonnidh géibhinneach: áiseamhlacht, seirbhís.

foghar: *f.1.* glór, fuaim, goimh. Lá aoibhinn gréine is binn liom foghar na mbeach: an dórd siansach do ghníd. Amadán ná haithneóchadh ar fhoghar garg a ghotha ná go raibh olc istigh aige do dhuine éigin: ar an nglór áirighthe dréir binne nó a mhalairt, aoirde a's neart. Labhair sé liom do ghlór neambinn, buinneamhail, ach d'fhreagras san bhfoghar gcéadna é .i. ar an gcuma gcéadna. Labhair i bhfoghar íseal: glór d'aon ghnóth.

foghar-bhinn: *a.* an-bhinn. An fhuiseóg le gealadh an lae go foghar-bhinn: go ceól-aoibhinn.

fógartha: *a.r.* curtha in iúil go poiblidhe, craobhscaoilte, rabhadh do bheith tugtha. Tá orainn aifreann d'éisteacht gach Domhnach agus lá saoire fógartha: saoire dréir na hEaglaise. Táid fógartha ón altóir: ráidhte gen sagart go mbeid ag pósadh. Táim fógartha ón altóir go minic: daortha gen gcléir mar gheall ar choir nó cionnta ráidhte éigin. Bhítheas le cruinniughadh do bheith i Sráid Uí Chonaill, ach tá sé cosc-fhógartha gen Riaghaltas ar na páipéaraibh indiugh: bac curtha leis. Is minic fógartha ort fanacht ón gconntabhairt, ach níl aon chao agat air .i. ráidhte go daingean leat fanacht as, ach trí mhío-ádh éigin ní dheineann san duit é. Tá an stoc fógartha agam do fiche uair iad do choimeád ar a chuid féin: curtha in iúil agam nó mara ndeinidh gur tinn do. Ar ór na cruinne ní rachfainn isteach 'on amharclann san, tá sé fógartha orm: tá sé coiscighthe orm. Aicíd sa cheanntar a's tá an áit fógartha: órdughadh fachta ges na daoinibh ón lucht ceannais é do shéanadh. Cíos fógartha ó Shatharn: órdughadh tagtha amach é d'íoc.

fógarthach: *a.* bagarthach, coimhtheach. B'fhógarthach an maoidheamh do dhein Árd-Tighearna Aimirealachta Shasana nuair dubhairt sé go súngcálfí an uile árus de chabhlach na Gearmáine: maoidheamh go leanfadh olc agus díth é. Mara raghadh ach do chos ar a chuid talmhan bhagróchadh sé an dlighe go diair. Nách fógarthach an caonaidhe é: bagarthach: tugtha do dhíth do chur amach. Dá mbeithtí gan bheith leath chómh fógarthach air so a's súd do dhéanamh, a's ar a dhícheall, dhéanfadh sé i bhfad níos fearr: órduightheach. Ar an gcuma fhógarthach a bhí air ag déanamh orm, lasadh feirge ann d'aithnigheas air ná raibh aon deaghfhuadair fé: cuma ná raibh mín ná subháilceach. An lá indiugh fógarthach a dhóthain d'aonne maidir le fuacht a's fiadhantas de gan corruighe amach: bagarthach: cómharthaidhe: dóthanach d'aonne fanacht istigh. B'fhearr go mór liom gan dul i dtreis an duine sin, tá clódh ró-fhógarthach air, féach an choinneal atá n-a shúilibh: clódh air nárbh aon dóighchín teangbháil leis. Táthar go fógarthach air an aimsir seo, na tuillte leitreacha ag lorg airgid air ag teacht chuige: bagarthach: ghá chur 'n-a luighe air go mbeidh thíos leis muna bhfreagrann a dhualgaisidhe. Bítear fógarthach go leór a cheachta d'fhoghluim. Is minic adeirtear leis go bhfaghadh smísteáil dá dteipeadh air: ag tabhairt rabhaidh eagla dho. Is ionam bheith fógarthach air nó a rádh leis a thoil do bheith aige .i. níl aon tor aige ar aonne.

fógarthóir: *f.3.* craolaidhe, duine a chraobhscaoileas rudaidhe tábhachtacha don sluagh, callaire. Fógarthóiridhe maithe ar dhroch-aimsir géadhanna fiadhaine d'fheicsint annso: cómhartha teachta droichshíne. Dubhairt fógarthóir an chraolacháin go mbeadh

nuadhacht dhá uair as Ghaedhealaing as so amach: craolaidhe: craobhscaoilteoir. Gheibheann fógarthóir ó thigh éadaigh i dTráiglí tímcheall lé duilleógaibh ag tagairt dos na hearraidhibh atá ar díol ann. Budh ghalánta go mór dhuit rud éigin do dhéanamh thu féin 'ná bheith it fhógarthóir orm-sa: ag tafant a's ag bagairt orm-sa oibriughadh.

fogas: aice, (le) hais, goire. Teacht i bhfogas dom budh bhaoghal do: i ngiorracht. "Agus do sháruigheadar go mór an fóghantaidhe, eadhon, Lot agus thángadar i bhfogas don doras dá bhriseadh" (Gen. XIX. 9): in aice leis. "Ní leigfidh tú tárnocht deirbhshéar t'athar leis; is í bean fhogas ghaoil t'athar í"(Leibh. XVIII. 12): go geairrid i ngaol. Anois go bhfuil an tsean-phíp lán go smig dá mbeadh lasán i bhfogas bheadh gal againn: láimh linn. Is minic nách é an té is foisce dhuit go ngoillir air: an té gur dlúithe do ghaol leis. Ní fios d'aonne cá fogas don mbás é: cá fhaid nó giorracht an bitheamhnach. "Is foisce cabhair Dé 'ná an doras": giorra. I bhfogas agus i gcéin tá cáirde aige: buailte linn agus i bhfad uainn. Ughdar maith thu, an bhfuil cogadh i bhfogas dúinn?: ag déanamh orainn. Mara bhfuilimid ann táimid fogas do: ní fada uainn é.

fogas-ghaol: *f.1.* gaol geairrid. Níl braon dem chuid fola ionat agus dá mbudh fogas-ghaol dhom thu ní fhéadfainn bheith níos ceanamhla ort: dá mbudh d'aon fhuil dhlúth amháin sinn. Idir fhogas-ghaolta a's cian-ghaolta thréigeadar me: d'fhág gach aonne me go raibh buannacht fola agam air.

foghlach: *a.* creachach, scriosta, fuaduightheach, sanntach, bradach. Connus bheadh iasc againn nuair bhuail ráth fhoghlach fhíogach orainn a dhein giobail dár líontaibh agus bhain greamanna as pé breac a bhí ionta: creachach: lándíoghbhálach. Ní cois a phruaise, lé n-a ghliocas, is foghlaighe an sionnach in ao'chor: ní hann is mó a fhuaduigheann sé. An armáil agus an fearas cogaidh atá aca anois is é is foghlaighe fós, is beag rud gur féidir leis seasamh 'n-a aghaidh: is scriosta. Ainmhidhe foghlach nách féidir do chongbháil ar a cuid féin lé ceangal ná urchall: bradach. Dá fhaid ag suidhe chun búird me ní fheaca duine is foghlaighe ar bhiadh ná thu, greim ní fhágfá ag neach eile: sanntach.

foghlaidhe: *f.4.* creachaire, scriosadóir, fuaduightheóir, bradaidhe. Na húineacha doimhne talmhan san, deirtear gurb ionta do chuireadh foghlaidhthe an fíon fé thóin: gadaidhthe a bhaineadh an fíon lé lámh láidir d'áthraighibh ceannuigh. Ní hiontaoibh faic d'fhágaint amuigh ist oidhche sa seacht bpróistidhibh faid agus bhíonn an foghlaidhe tíre úd ag sraithidheacht tímcheall: sladaidhe gluaiste. Mar adubhairt an duine, foghlaidhthe ar thíorthaibh beaga seadh iad idir Shasanach, Fhrannacach is Ghearmánach: creachadóiridhe: sladaidhthe: cómhachta a channtálas lé lámh láidir gach is áil leo. In aimsir na bhfoghlaidhthe do tógadh an carn san os cionn fir do marbhuigheadh ar an bhfód, a bhí d'iarraidh bó leis do bhaint díobh: lucht creiche a fhuaduigheadh de dhruim nirt. Sheachnóchainn mo phócaidhe aon lá ar an bhfoghlaidhe sin, níl aonne sábhálta i ngiorracht do: gadaidhe a bhíos ag síorfhaire ar chao.

foghlaidheacht: *b.3.* creach, scrios, fuadach. Ar fhilleadh abhaile dho ní raibh luach leathphingne fé iadhadh an tighe ná go raibh árduighthe chun siubhail fiú amháin a leabaidh! B'shin foghlaidheacht agat: tógaint neamhdhleaghthach coda dhuine eile. Ar

feadh an lae bhí an namhaid ag foghlaidheacht an bhaile, nár fhágadar faic ann dob fhiú do thógaint: ag creachadh: ag fuadach lé neart. Faid bhíos im chodladh deineadh foghlaidheacht orm, ar dhúiseacht dom ní raibh cianóg im sheilbh: bradaidheacht fhealltamhail gan chead gan cheileabhradh.

foghlaim: (**foghluim**) *b.3.* léigheann, oideachas, foirceadal, teagasc, d'fhagháil eólais, do dhul i dtaithighe, do stuidéar. Níl aon teóra leis an bhfoghlaim (le fear na foghlama): is deacair buadhachtaint ar an té go mbíonn mórchuid eólais cruinnighthe aige. Sé tuairm gach aonne ná téarnóchaidh sé, go bhfuil sé ag foghlaim an bháis: ar thuilleamh bháis: a thaithighe cad is bás ann ag teacht chuige. As an obair fachtar an fhoghlaim: an tslighe cheart chun ruda do dhéanamh is as thaithighe do thagann. Dá mbeadh foghlaim orm rachfainn ag argóint leat: léigheann: an t-eólas fachtar as léigheamh a's múineadh. D'fhear gan aon fhoghlaim is diail an mheabhraidheacht chinn atá aige: gan aon tabhairt suas: nár "ghaibh trí leabharthaibh a's pháipéaraibh". Dá ndeintí aon rud go cliste, olc nó maith, deirtear 'tá foghlaim ar an mbuachaill (ortha etc.)': tá eólas a chúraim go sárbhinn aige etc. "Ná meas m'eagna ar m'óige/ is go meallfainn fear féasóige/ mo chroidhe gan bhaois im bhruinn/ is sine ná m'aois m'fhoghlaim": mo thaithighe féin ar an saoghal agus a bhfuil fachta agam trí stuidéar. Ó n-a athair fuair sé an fhoghlaim: budh dhual athar do do bheith cliste. Ritheann an fhoghlaim chuige ar nós an uisce: ní duadh dho eólas do dhul 'n-a inchinn. Níl sé ró-phras ar a ghnóth, ach beidh sé ag foghlaim: lé taithighe na haimsire rithfidh an t-eólas chuige. "Déanfaidh an bhean foghlaim i gciúnas maille umhalaidheacht" (1. Timot. II. 11). "Ag foghlaim do shíor a's go bráth a's go bráth gan teacht dóibh chun eólais na fírinne" (2. Timot. III. 7). "Ní hualach do dhuine an fhoghlaim": gidh ná beadh faic saoghalta dá bharr ag duine. Is namhaid an cheárd gan a foghlaim: an cheárd ná bíonn ar a dheis ag duine is mór an duadh dho í. Ag foghlaim gaibhneachta, siúinéireachta etc.: ag cur eólais ar an rud san. Ag foghlaim do bhíonn an duine ó aois go bás: ag bailiughadh eólais: choidhche agus choidhche bheadh rud éigin dorcha ar an nduine. "Budh mhian liom so amháin d'fhoghlaim uaibh, an ó oibriughadh an reachta do fuaireabhair an Spioraid nó ó éisteacht an chreidimh" (Gal. III. 2). Ar chlos nó ar thagairt do dhuine adeir rud éigin neambanamhail, tá foghlaim air etc. .i. tá an rud mícheart ar eólas aige.

foghlaimtheóir: (**foghlamthóir**) *f.3.* duine a bhíos ag foghlaim. Ní fearr an múinteóir ná an foghlaimtheóir, deirtear lé duine a bhíos ag foghlaim droichbhéas go mear ó dhuine gur mian leis iad do mhúineadh.

foghlamaim: (**foghlamuighim, foghlumaim, foghlumuighim**) *b.a.* sroichim nó gnóthuighim eólas nó clisteacht in ealadhain, i gcéird nó i ngairm. "Foghlaim (foghlamuigh) do phaidreacha", deirtear le duine go mbíonn cainnt neamhcheart aige. Foghlamuigh dom connus rámhaidheacht: eólas uirthe do thabhairt. Pé uaidh gur fhoghlamuighis, a bhuachaill, tá fios aitheanta do chreidimh agat: thugais leat go maith an teagasc. "Tógaidh mo chuing-se oraibh agus foghlamuighidh uaim óir atáim ceannsa agus umhal i gcroidhe agus do gheóbhtí suaimhneas d'bhur n-anamaibh" (Matha XI. 29): gnóthuighidh eólas trí aire do thabhairt dom agus grádh. "Foghlamuighidh maith do dhéanamh, iarraidh breitheamhnas, cabhruighidh na boicht, breathnuighidh na díleachtaidhthe, agus tagraidh ar son na baintreabhaighe" (Isaiah I. 17).

foghlamtha: (**foghlumtha**) *a.r.* léigheantha, teagasctha, deagh-eólais. Eólas ar na seacht teangthachaibh cómhartha fir fhoghlamtha: léigheanta. Dá mbeadh sé ar scoil choidhche ní bheadh faic foghlamtha gen gceann cipín: eólas fachta aige. Is maith foghlamtha an barránach é: tá eólas ar dhroichnidhthibh go maith aige. Nílim foghlamtha go leór fós chun scoile do mhúineadh: ceal teagaisc orm. Aicme fhoghlamtha seadh na Geramánaigh: tá an uile shaghas eólais go fairsing 'n-a measc. (**foghlamanta**)

foghlughadh: *f.* (*-uighthe*) do scrios, do bhánughadh, d'argain. Coimeád do chuid bheithidheach uaim, táid ag foghlughadh mo chuid arbhair, níl ruibe le chéile dhe: ghá lat. Cuireann a namhada i leith na Gearmáine go bhfuilid ag foghlughadh gach dúthaighe bige 'n-a bhfuil a cos curtha aice, ag baint a mbeatha a's a n-earraidhe dhíobh, ag dógadh 'sag treascairt: ag bánughadh: roilleach dhá dhéanamh aice. A chladhaire, dá bhfaghadh na daoine amach ort é ag foghlughadh ataoi riamh cuid na ndaoine agat go cam: ag scrios: ag sealbhughadh go neamhionraic.

foghluighthe: *a.r.* scriosta, creachta. Ar mbeith do Theampall Dé do bheith foghluighthe ag Neabuchadnasar, rí: a raibh ann scriosta. Fé chionn seachtmhaine, ar an bhfuadar atá fútha, ag gabháil tríd an Orbhuaidh mar saighead nimhe, beidh an tír foghluighthe gen nGearmáin: ní bheidh faic d'aon mhaoin fágtha os chionn talmhan. Dá n-innstí an fhírinne, níl earra dhá dhíol sa tsiopa a fríothadh go macánta, ach rud foghluighthe: atá tagtha chun cinn trí ghadaidheacht nó ar chuma éigin neamh-dhíreach.

fóghmhar: *f.1.* an tríomhadh saosúr den mbliadhain, bailiughadh isteach barraidhe, síl agus torthaidhe eile: toradh na talmhan. Is cuma dhuit-se mar gheall ar fheirmeóireacht, tá do chuid fóghmhair déanta: tá airgead do dhóthain agat nó maoin éigin nách gábhadh dhuit bheith ag brath ar chur a's bhaint. Ní hiad na fir mhóra a bhaineas an fóghmhar: is minic nách iad na fir is mó is gníomhaighe ar fad. "Geimhreadh ceódhach, Earrach reódhach, Samhradh riabhach, Fóghmhar grianach" – cómharthaidhe deaghbhliadhna. "Beir fada air, ní bhéarfaidh do chuid anairte ar luach, nách ort atá an fóghmhar an deabhadh thar cuimse: budh dhóigh lé duine gurb amhlaidh do bhís féin agus an aimsir ag rith lé n-a chéile. Dá mbeadh fóghmhar go Nodlaig ann bheadh breall ar dhuine éigin: dá fhaid sheasóchadh an aimsir bhreágh i ndeireadh dála gheóbhfí duine agus a ghnóth gan déanamh aige .i. bíonn daoine siléigeacha ar fagháil do shíor. Is eagal liom 'n-a thaobh ná bainfidh sé an fóghmhar: ná mairfidh sé i bhfad. Ná bíodh aon mhóreagla roimis an éag agat, tá mórán fóghmharacha fós ionat: mairfir tamall maith. An té ná cuireann san earrach ní bhaineann san bhfóghmhar: an té ná féachann roimis in am agus rud do chur tharais i gcóir an lae chruaidh beidh thiar air i ndeireadh a shaoghail: an té ná cóimhlíonann aitheannta Dé ní leis Flaitheamhnas. Fóghmhar na ngéadhanna gan teacht fós: an aimsir bhreágh a thagas tréis na mbarraidhe do bhailiughadh .i. go mbíonn na géadhanna ar an gcoinnleach ag priocadh na ngráinnidheacha fáin. An phunann do ceangaltar san bhfóghmhar scaoileas san earrach í .i. mara mbíonn rud curtha i gcrích agat beidh thiar ort nuair theastóchaidh sé uait. Fairír géar, níl fóghmhar istigh ná amuigh agam: bocht dealbh. Cé fairsing, flúirseach é fóghmhar na farraige bíonn sé mealltach: ní hi gcómhnaidhe do gheibhtear iasc mór. Breac-loirgneacht earraigh do dheineann formadacht fóghmhair: an té gur méine leis an luath do choimeád i dtosach bliadhna beidh in aithreachas i ndeireadh bliadhna cheal toradh na talmhan. Dhá rud nách féidir iontaoibh do chur asta, "tón bunóice a's tráthnóna fóghmhair": thiocfadh cioth gan choinn

tráthnóna fóghmhair. Ag tagairt do rud iomadamhail a's go n-imthigheadh cuid de, déarfí, "ní lugha sméar sa bhfóghmhar 'ná é" .i. ní braithfear as é ach an oiread céadna agus an sméar. "An fhaid mhairfeas an talamh, ní scuirfidh aimsir an tsíolchuir agus an fóghmhar agus an fuacht agus an teas agus an samhradh agus an geimhreadh agus an lá agus an oidhche" (Gen. VIII. 22). Nuair thigeann lá an fhóghmhair éirigheann an fhóir gann: lá na broide is beag a thiocfaidh ag fóirthint ort. Sin a bhfuil agam, aon phúnt amháin fóghmhar mo chuid oibre: toradh.

fóghmharach: *a.* fabharach do bhaint a's shábháil, ar dheallramh an fhóghmhair. Nách neamh-fhóghmharach an aimsir ataoi ag baint sa cheódh so: taobhach: séanamhail. Tá cuma fhóghmharach ort, gan chasóg gan hata ort ag scaoileadh chun oibre: árdghnóthach.

fóghmharaidhe: *f.4.* bunaidhe, fear a bhaineas barraidhe a's toradh. Cá bhfuil foghmharaidhe is fearr 'ná an bás: ní leigeann neach gan treascairt lé n-a speil.

fóghnaim: *b. n-a.* oireamhnuighim, sásuighim, sáithighim, tairbhighim, riaraim, freastalaim, fóirim, deinim. Teastuigheann an t-airgead indiugh uaim, ní fhóghanfadh dom fanacht go dtí ambáireach leis, mar is éigean dom a bheith agam: ní oirfeadh dom. An duine míchialldha fóghanann sé do gach aonne ach do féin, a rian air gan aige ach an dealbhas: deineann sé obair don dúthaigh a's gan faic do féin. Rud seadh an bás ná fóghanann luibh ná liagh: nách tairbhe iad chun a chosctha. "Agus do bhí grádh ag Iacób do Ráicheil agus adubhairt, fóghnóchad duit seacht mbliadhna ar son Ráicheil t'inghean is óige" (Gen. XXIX. 18): obair do dhéanamh agus dualgaisidhe do chóimhlíonadh. "Agus adubhairt Lában le Iacób, an de chionn gur tu mo dhearbhráthair go bhfóghanfá domh-sa in aisce? Innis dom cad é an tuarastal a bhéas ag dul duit?" (Gen. XXIX. 15): sclábhaidheacht nó dualgaisidhe. Ní fhóghanfadh faic dóibh ach dul ag marcaidheacht: ní shásóchadh faic eile iad. Budh mhaith an sagart é d'fhóghanadh sé dhá sháipéal gach Domhnach ar feadh fiche bliadhain: d'fhreasdaladh sé iad. Is iomdha san rud go bhfóghanann coirce do, arán, biadh d'ainmhidhthibh etc.: go dtugann cabhair chun. Faid a's bheidh braon im shúil fóghanfad ort lé cion ort: freasdalóchad ort agus déanfad do bhail. Fóghantar ar dhaoine uaisle lé háruistidhibh áilne: deintear freasdal ortha. Ní fhóghanann an bhréag in ionad na fírinne: ní tairbhe í. Is olc d'fhóghanuigh a mhuinntir é tréis ar thug sé dhóibh a's é do thréigean: b'olc an déanamh do thugadar do. An obair a bhí roim an nGearmáin, fir a's armáil do chur isteach 'on Danmharg a's 'on Orbhuaidh níor fhóghan moill ná faillighe dhi: níor oir di: níor bh'fhearrde í é. Mara mbeadh an tslighe d'fhóghan airgead ár gclainne orainn in Éirinn ó Mheirice budh bhocht an scéal againn é: d'fhóir. Bead-sa ag gluaiseacht liom anois, ní fhóghanann dom fanacht níos sia, mar ná taithnigheann an chuideachta ná an áit liom: ní cuibhe dhom: ní measdamhail an nidh dhom é. Ní fhóghanann an bolta so don ndoras: ní oireann sé agus ní hamháin sin ach níor bh'aon mhaith é dá n-oireadh féin.

fóghnamh: *f.1.* ₇ *3.* maitheas, feidhm, tairbhe, áiseamhlacht, oireamhnacht, fóirithint. Buaileadh poc air tamall ó shoin a's tá sé gan fóghnamh a theangan ó shoin, níl ann labhairt: áis. Labhair go híseal, tá éisteacht eascún aige sin, tá fóghnamh na gcluas ar fheabhas aige: áis: cómhacht. "Connus taoi lé déidheannaighe?" – "mhuise, nílim ar feidhm ná ar fóghnamh": níl déanamh aonnidh ionam ná níl an tsláinte go maith in ao'chor agam. Seachain cuideachta an duine sin, níl sé ar fóghnamh: ní duine é

oireamhnach mar choidreamh: is dóichighe ’ná a chéile go gcuirfeadh ar t’aimhleas tu. “Níor cheannuighis goilcach mhilis dom ar airgead, ní mó ná líonais me le méathas t’íodhbairtidhe acht thug tu orm fóghnamh maille léd pheacaidhibh, thug tu orm saothrughadh lé t’éigceartaibh.” (Isaiah XLIII. 24): bheith fé smacht. Deirim leat nách aon lá ar fóghnamh é seo chun dul i bhfad ó bhaile a’s an gála fiadhain atá ann: ar fheabhas. Ní mór an mhaith bheith ag caoineadh na bearta a bhíos thart, óir ná bíonn fóghnamh uirthe: leigheas: nách féidir faic do dhéanamh ar a son. Bhí sé gan bheith ar fóghnamh lé fada, ní mór an obair a bhí ann agus ní raibh aon fhulang ar fhuacht aige: a shláinte gan bheith go maith. Budh mhór an fóghnamh dom ag lorg oibre dhom éadach maith do bheith orm: tairbhe: maitheas. Is mór an truagh ná fuil an teanga ar fóghnamh agam, is iomdha dearmhad do dheinim: breis mhór eólais agam uirthe ná fuil. Ní fuláir nó do bhíos an-óg an tráth céadna, mar deirtear ná raibh an chainnt tagtha ar fóghnamh chugham: m’úrlabhra in iomláine agam. Ní rabhamair tagtha isteach ar fóghnamh nuair leag pléascán ceann an tighe orainn: ar éigean do bhíomair istigh i gceart. Ní mór go raibh an ghrian ’n-a suidhe ar fóghnamh nuair bhíos-sa im shuidhe leis: ní raibh ach a rádh go raibh. Dheineas mo chroidhe díchill ar gach aon tsaghas slighe d’iarraidh é d’fhóghnamh, ach ní sháiseóchadh an saoghal mór é: oibriughadh dho agus bheith umhal dho. “Agus an nidh a thiocfas in bhur meanmain ní bheidh mar sin in ao’chor, mar déarfaidh sibh-se, beam-ne mar na geintibh amhail muinntearacha na dtíortha d’fhóghnamh do chrannaibh a’s do chlochaibh” (Eiseiceil XX. 32): d’adhradh. Níl aon áit ar fóghnamh aca, níl cúis mhaoidhte aca: is ar a olcas: níl sé lé moladh. Ní fear ar fóghnamh chun aonnidh é, cá bhfuil a thréithe?: go haindeis is féidir leis aon rud do dhéanamh. Beag meas aonne orm anois ó táim ó fhóghnamh: gan tairbhe chun aon rud do dhéanamh. Rás ar fóghnamh dob eadh é, is fada go bhfeaca capaill ag dul chómh dian ar a chéile: árd-rás: rás a ritheadh go maith.

fógra: *f.4.* (do) chur in iúil go poiblidhe, (do) chraobhscaoileadh, (do) chraoladh, d’órdughadh, foláramh. Cuireadh fógra amach ón Riaghaltas go gcuirfí buannacht ar siubhal go luath: scéala poiblidhe ag cur nidh áirighthe in iúil. Chuir Sasana agus an Fhrainnc fógra catha chun na Gearmáine: scéala deimhnightheach, cinnte. “Seo fógra”, ars an cainnteóir, “go mbeidh ar an uain seo gach oidhche tráchtas ar thaisteal in ionad an ghnáth-ruda: aithris phoiblidhe béil nó i scríobhnóireacht. An fógra orm é seo do dhéanamh nó an féinthoil atá sé?: órdughadh. Bíonn na páipéir nuadhachta lán d’fhógraidhibh ar rudaidhibh a bhíos lé díol agus lé ceannach: eólas i dtaobh luach etc.: dreaganna. “Tinneas an mhío-áidh im dhrom” – “a chara, fógra roim bhás é sin!”: rabhadh: éachtaint go bhfuil an bás chugat. Fógra fachta agam bheith im ionad suidhe an uile mhaidean ar a cúig a chlog: órdughadh gurb éigean dom a chóimhlíonadh. Caithfear éirghe as lé n-a cheanndáine ní ghaibheann sé le fógra ná cómhairle: bagairt ná lé síbhialtacht. “Agus annsan do chuir an Rí Asa fógra ar fuaid Iudah; níor coigleadh d’aonne” (I. Righthe XV. 22): foillsiughadh poiblidhe: scéala fóirleathanadamhail. Fógra tréis na foghla: ag cur ruda in iúil do dhuine nuair bhíonn sé ró-dhéidheannach beart do dhéanamh. “Agus adubharadar san, Coirneileas an captaen, duine comhthrom...fuair sé fógra ó Dhia trí aingeal naomhtha fios do chur ort-sa dá thigh féin agus éisteacht lé briathraibh uait-se” (Gníomhartha X. 22): cómhairle dualgais. Fógra do fuaireamair ar eagla ár ngabhála go raibh an namhaid ag éalódh orainn: éachtaint roim ré. B’iomdha fógra fuair sé ón bhfarraige ach féach ná déanfadh san do é, trí n-a cheanndáine gur thuit

sé léi: rabhadh: foláramh: budh mhinic do chuaidh sí i ngiorracht dá bhás, gur leór do san chun í sheachaint.

fógrach: *a.* do chraobhscaoileadh go poiblidhe, órduightheach. Cuireadh leitir fhógrach chun gach feirmeóir sa cheanntar bheith sa bhaile mhór an lá san d'áirighthe má theastuigh uatha síolta d'fhagháil ón Riaghaltas: leitir ag tagairt do. Cuirfear cunntas fógrach sa páipéaraibh i dtaobh teacht amach an leabhair: ag aithris am a's slighe. Bheadh duine dall ar cathain thiocfadh sé mar ní teacht fógrach a theacht: ní hinnstear roim ré é: tagann gan rabhadh, gan rathughadh. A chlos uait-se gur ceart dom fágaint, ní beag san, tá sé fógrach mo dhóthain dómh-sa: ní gábhadh tuilleadh tafanta.

fógraim: *b.* craobhscaoilim, craolaim, cuirim go poiblidhe, scaipim, leathaim. Bheirim uair amháin eile ort i bhfoghail ort, agus fógróchad don tsaoghal mhór thu: craobhscaoilfead ós árd do chionnta. Ná fógair mar sin orm-sa, ag bagairt cad ná déanfá mar ná foidhneóchainn uait é: ná bí d'iarraidh cur orm dem aindeóin. Fógradh orm go rabhthas chugham agus má bhí cion ar m'anam agam cur díom: innseadh dom é d'fhonn mo dhíth do sheachaint. D'fhógair sé lé n-a láimh orm fanacht amach as an dtigh: dhein sé cómhartha láimhe a thuigeas. Fógair an té a bhíos ag ól chun aon ghnótha: éirigh as: droichiontaoibh seadh é. Fógair bliadhain fhliuch chun cruithneachta: dío-mhol í: caith uait í: ná bíodh an focal agat di. D'fhógradar a chéile soir siar (don diabhal etc.): thiomnuigheadar a chéile do gach olc agus díth budh mheasa. Fógair ar an nduine stad: éigh air nó dein cómhartha dho. Fógair ar na buaibh (ag dul i bhfoghail nó a lithéid): éigh ortha, cuir madra leó etc. Díreach a's mé ar tí rud éigin míothaithneamhach gan choinne do rádh d'fhógair duine orm lé n-a shúil: dhein sé cómharthaidhe dom stad. D'fhógras uaim an madra ar eagla go mbeireadh sé orm: labhras go dána leis nó dheineas rud éigin chun a chosctha. D'fhógras air fiche uair biadh do bhreith chugham ach dá mbeinn ag fógairt air go sileadh an t-anam leis an ocras asam budh mhar a chéile é: ghlaodhas air. Tréis ar thug sé chúcha d'fhógruigheadar uatha in ainm an diabhail é: do ruagadar é. D'fhógair an máighistir mo mhac dom: chuir sé in iúil dom a easumhalaidheacht do agus dá leanadh air ná leigfeadh leis é. D'fhógair an sagart ón altóir go mbeadh suidhe faoisdine ar an mbaile: chuir sé in iúil don bpobal. Ar fógradh lá saoire indiugh? a ndubhairt an té (an dream) gur b'é a dhualgas é go mbeadh. Nuair heitigheadh an tseanbhean d'fhógair sí na céadta mallacht: ghuidh sí iad. Budh bheag é mo choinne leis nuair fhógair sé troid orm: chuir sé a dhubhshlán fúm. D'fhógras chun bóthair na bacaigh: go teann, láidir, dubhart leó bheith ag bailiughadh leo as mo radharc. "Fógraim an ghorta go Tír na dTurcach ó anocht go bliadhain ó anocht agus anocht féin, a (b)áil lé Dia": órduighim di dul ann agus fanacht ann. "Bhuailfinn an t-anam asat!" – "fógraim thu!": a dhubhshlán fút a dhéanamh. D'aithnigheas ar ghlaodh an choiligh i dtúis oidhche gur dhroch-thuar é agus gurbh é do bhás d'fhógair: d'inns roim ré. Neach ní thiocfadh i ngoire an tighe ná fógróchadh an maistín madra san: ná go gcuirfeadh in iúil a theacht lé sceamhghail air.

foichéim: *b.2.* corr-chéim: aon ghluaiseacht amháin den gcois i siubhalóid. "An siubhalann sé go maith ó briseadh a chos?" – "foichéim": fíor-bheagán. Droichrinnceóir seadh é, níl aige ach foichéim: beagáinín de.

fóidín: *f.4.* fód beag, feirm bheag, leirg bheag thalmhan. Dá mbeinn ag brath ar an bhfóidín atá agam bheinn gan maireachtaint: an blúirín beag talmhan. Seadh, Dé bheatha-sa, táir tagtha tréis na mbliadhanta go léir ar an bhfóidín fírinneach: ar do thalamh dúthchais. Rás iongtach dob eadh é, ag déanamh ar an gcuaille chidhfeá fóidínidhe gabhair (gabhaigh) ag imtheacht ó chrúbaibh na gcapall lé fuinneamh: blúiridheacha scraithe do bhaineann na cruidhte.

foidhne: *b.4.* fulang, ar dhíbhfearg nó go ciúin somheanmnach ar aon olc, duadh, ceasnaidhe, nó tinneas: buantseasamhacht, súil fhada gan gearán, fearg ná míoshásamh. "Is mór é luaidheacht na foidhne": an té a fhuilngeas gan gearán gan casaoid is aisce ó Dhia é agus gheóbhaidh a dhíolfiach lá éigin. "Buadhann an fhoidhne ar an gcinneamhaint": an té a bhíos faidtheadhlach, aireach is doichighe dho rith leis ná don té a bhíos teasaidhe mear. Toisc na dúlach gránda a bhí ag an gcraosaire sa bhfeóil ní fhéadfadh foidhne do dhéanamh agus thug fogha fúithe: é féin do chosc. Beart gan leigheas an fhoidhne is fearr air: an rud nách féidir do chneasnughadh nó do leasughadh cá maith bheith buadhartha 'n-a thaobh? "Níl leigheas ar an gcathughadh ach é mharbhadh lé foidhne": cá maith bheith ag cao ach fulang go ciúin lé neart meanman a's seadh is lugha ghoilleann sé ar dhuine. Is fada an fhoidhne ar an mbáistigh aige é: tá an aimsir ghá tuar lé fada. "...ag cur gach uile thruime dhinn agus an peaca a leanas [dinn] go héascaidh, rithfeam maille le foidhne chun na cóimhlinte atá rómhainn" (Eabhraigh XII. 1): soi-mheanma. Lé linn buadhartha, cruadhcháis nó tástála déine, deirtear "go dtugaidh Dia mór grásta na foidhne dúinn": go mbronnaidh Sé orainn gabháil tríd an gcathughadh so mar is cuibhe do dhuine a chreideas i gCríost. "Agus ag tuitim dá chóimshearbhfhóghantaide ag a chosaibh-sean, do ghuidh sé é, ag rádh, déan foidhne liom agus do bhéarfaidh me an t-iomlán duit" (Matha XVIII. 29): bí ag bruic liom: beir fada air liom. Do léim sé chugham gan foidhne lé míoshástacht a's feirg: ruthag: gan réamh-mhachtnamh. Is mór í foidhne Dé: dá mhéid do ghoilleann ár gcortha air ní agrann Sé orainn iad. Is beag do bhíonn de bhárr mío-ruthaigh ag aonne, is fearr foidhne ar do theangain, a dhuine bhuirb: fóill! Tuig tu féin sara labhrair. Foidhne ceiridhe na huile chréachta: tréis a ndeintear de bhuaidhreamh i dtaobh dochair caithtear stad agus b'fhearrde an duine coimheascar leis. Dá mbeadh foidhne Pheadair Bagóid agam ní fhéadfainn éisteacht leis an easonóir do fuaireas: dá mbeinn chómh ciúin, fuilngtheach, faidtheadhlach a's b'fhéidir do bheith. Ná buaidhir tú féin thar ceart, cuimhnigh go dtagann gach maith le foidhne: i ndeireadh dála gealann an saoghal ar dhuine: téigheann gach nidh 'n-a alt féin.

foidhneamh: *f.1.* fulang, bruic, cur suas le, buantseasamh. Foidhneamh a thuilleadh leis an mbróig ní fhéadfainn, bhí sí ag luighe chómh dona san orm, chaitheas díom sa mhío-ádh í: cur suas le. Foidhneamh mór a dheinis air nár bhuail é ar ar thug sé de tharcuisne dhuit: bruic: fanacht ciúin, socair, macánta agus cúis a mhalairte agat. Is olc an saoghal anois é ach beann ag foidhneamh leis: beam d'iarraidh gabháil trí ár n-anacair, dá dhéine iad, chómh maith a's bheidh 'n-ár gcumas. Budh mhór an foidhneamh a bhí ag Cómhachtaibh an Chogaidh ghá dhéanamh ar a chéile nár sháidh chun a chéile níos túisce: fanacht socair d'aindeóin an fonn diabhalta a bhí aca chun a chéile. Gan amhras tá foidhneamh tinnis ionat a's a rádh ná fuilir ag gearán leis an gcneadh uathbhásaigh sin: neart chun bruic leis: gan leigeant do tu do chlaoidheachtaint trí neart aigne. Tugadh seal

mór ag tuargaint na carraige, a's nár mhór an foidhneamh aice é nár bhris sí: fulang ar bhualadh. Dheara, dar an díth diabhail ná beinn ag foidhneamh a thuilleadh léd chuid éithigh: ag éisteacht im thost gan é do chur siar ort. "Bí ag foidhneamh dom go fóillín", ars an dochtúir leis an othar nuair bhí sé ghá lannsáil: bhí ar do dhícheall ag bruic leis an bpian atá agam dhá chur ort. "Chun foidhnimh do rugadh me", ars an fear a bhí cráidhte gen saoghal: chun bheith ag iomchar buaidhrimh. Duine é gur furaiste foidhneamh leis: cómharsanacht agus coidreamh do chongbháil leis gan mairg. Idir olc agus fhoidhneamh dom d'éistigheas mo bhéal: ní raibh ach nár bhris ar an bhfoidhne agam.

foidhnighim: *b.a. 7 n-a.* bruicim, fulaingim, cuirim suas lé. Stróc ní fhoidhneóchainn léd lithéid de ghliogaire, b'fhearr buille 'en tuaigh do bhualadh ort 'ná bheith ag éisteacht léd ghliog gleag: ní éisteóchainn gan rud éigin do rádh nó do dhéanamh. Ní fhoidhnigheann broid faillighe: is éigean (ní fuláir) freastal lom láithreach ar an nidh géibhinneach. Foidhnigh me, a Dhia mhóir, d'aindeóin mo chortha: bí géilleamhail dom a's ná tagadh fearg ort. "Is dócha go bhfuil an iomad ualaigh ort cheana féin" – "d'fhoidhneóchainn a thuilleadh": bhruicfinn: d'iomcharóchainn a thuilleadh. Mianach seadh stán ná foidhneóchadh puinn teasa: ghoillfeadh sé air. D'fhoidhneóchadh an goile capaill atá aige siúd aonnidh a chuirfeadh sé ann. An méid airgid atá uait thabharfainn duit é agus fáilte ach ní fhoidhneóchadh mo phóca é: níl sé ar chumas mo phóca. Tabharfad a thuilleadh eaga dhuit chun me do chúiteamh, foidhneóchad ar do shon: pé cur siar nó duadh dhom é bead sásta leis. Talamh é sin ná foidhnigheann gainimh: nách maith dho í. D'fhoidhneóchaidís go bás sara ngéillfidís dá namhaid: ar aon chunntas ní luighfidís fé go toilteanach.

foighdeach: (**foighneach**) *a.* fuilngtheach, fadaradhnach, faidtheallach, ruthagach. "Is foidhneach fear gan feirg": an té ná tagann fearg air is iongtach an smacht aigne a bhíos aige air féin. Bí foighdeach ní gábhadh leath an deabhaidh: beir fada air: tóg bog leat féin é. "Nách fada go dtagann "teachtaire an fhiaigh ón áirc?" beireann súd go breágh foighdeach air: aon rud a bhíos ar siubhal aige ní chuireann oiread mairge air a's go luathóchadh sé. "Ag déanamh gáirdeachais trí dhóchas, foighdeach i mbuaidhearthaibh, comhnaideach in úrnaighe" (Rómhánaigh XII. 12): ciúin géilleamhail. "Agus guidhimid sibh, a dhearbhráithre, teagascaidh na daoine míriaghalta, tugaidh furtacht don lagchroidheach, iomcharaidh leis an anbhfann agus bídh foidhneach leis an uile dhuine" (1. Tessal V. 14): ná tagadh fearg oraibh leó: má ghníd bhur mbascadh ná bíodh a chúiteamh agaibh. Má thréigeadar féin me táim foighdeach: níl aon bhuadhairt orm 'n-a ndiaidh. "Bí foighdeach" ars an aimsir .i. is minic nách mar síltear a bítear: an droch-chor atá ar an gcúrsa indiugh b'fhéidir nách é a bheadh air bliadhain ó indiugh: ní bhíonn ar aon nidh ach tamall. Chuaidh cnámh 'n-a scórnaigh, bhí sé ró-neamh-fhoighdeach leis an mbiadh: an iomad guilme ithte air. Ní dócha go bhfuil aicme ar domhan is foidhnighe ná Éireannaigh fé Shasana: ag fulang gan géilleadh, ag feitheamh 'sag brath na huaire chun éirighthe.

foighléardaidhe: *f.4.* fánaidhe, seachránaidhe, siubhlaidhe, duine etc. fuar, díomhaoin. Árduigh uaim an foighléardaidhe asail seo, níl gnóth ná cúram agam de, a's bain obair as a earball: ainmhidhe fuar, díomhaoin. Ní fuláir nó tá ceal mór adhmannais sa bhaile úd ar a bhfeaca d'fhoighléardaidhthibh 'sa ndrom le falla aca: scaoinsidhe: gan chúram ach ag

gabháil thart. Fíor-bheagán foighléardaidhthe do ghaibheann an bóthar anois bhreis ar fadó, laigheaduigh an seantáille cuid mhaith aca: lucht siubhail. In ainm Dé caith amach as an oifig an foighléardaidhe sin gan chrích: scraiste nách fiú faic chun oibre é.

foighléardaidheacht: *b.3.* fánaidheacht, seachránaidheacht, fuairthéacht. Riamh ní raibh ar siubhal aige ach an fhoighléardaidheacht, ní gnóth tighe ná áite a bhíodh ag baint a chéile dhe: an fheadhthaireacht a's an díomhaointeas. Faic níl ar siubhal an aimsir seo agam mar ná fuil an aimsir chuige ach foighléardaidheacht: gabháil tímcheall deargdhíomhaoin.

foigse: *b.4.* giorracht, athchomaireacht, gaobhar, cómhgaracht, gar, aice. Aosta go maith anois me i bhfoigse mo cheithre fichid, leathbhliadhain uaidh: buailte leó. Mo lámh duit ar an ndath atá air go bhfuil sé i bhfoigse an bháis: nách fada uaidh: i ngiorracht do. Caithfead fanacht i bhfoigse an tighe indiugh, ní féidir liom dul rófhada uaidh, tá súil lé daoinibh iasachta agam: in aice: i dtreó: tímcheall. Á, Dia go deo linn, cuimhnighimís ar fhoigse an bháis, nách fios cá huair: a ghiorracht dúinn. Is ait nár thángamair treasna ar a chéile riamh go dtí so agus a fhoigse a bhíomair dá chéile – ar aon bhaile amháin: a ghiorracht slighe agus bhíomair dá chéile. Foigse an chuain (dúinn) do shaor sinn, míle eile, agus is beag an chuid é, ó thalamh a's bhíomair ar fóraoil: athchomaireacht: é do bheith in aice linn. Beir chun foigse na teine tú féin: druid chúiche.

foigseacht: *b.3.* gar, cómhgaracht, aice, gaobhar, giorracht. Druid i bhfoigseacht dom, go gcloisead tu, táir rófhada uaim: i ngiorracht: in aice. I bhfoigseacht urchair méaróige dom áit-se do chómhnuigheann sé: an fhaid sin uaim. Ar Oileán na hÉireann d'fhagháil saor ní raghainn oiread agus i bhfoigseacht cainnte don bhfear bhfógarthach san: chómh geairrid do agus go gcainnteóchainn é. An Daingean i bhfoigseacht triocha míle do Thráighlí: i ngiorracht. Dá mbeinn-se in aon fhoigseacht duit nuair bhí an bhroid ort mise a raghadh chun do chabhartha, ach bhíos faid na feighle uait: in aon ghiorracht. Is maith an bhail orainn foigseacht Dé dúinn do shíor: go mbíonn 'n-ár n-aice.

foigsighim: *b. n-a.* tagaim i ngaobhar. Ar do chluais ná foigsigh é mar ná fuil aon deaghruibe air: ná téighir in aice leis. D'fhoigsigh na hárthaighe aoir an cósta agus phléascadar é: thángadar ón bhfarraige air.

foiléim: *b.2.* léim eitime, léim neamhthoilteanach. Thug an chaora foiléim ón madra 'on daibheagán a's báthadh: léim le heagla. Ná tabhair foiléim choidhche, féach rómhat: léim gan breithniughadh. D'éirigh sé d'fhoiléim éascaidh a's chuaidh treasna an ghleanna: léim lúthmhar, éadtrom.

foiléimneach: *a.* éadtrom, seólta, éascaidh, neamhaindeis, beódha, lán d'anam. Ghluais an girrfhiadh go foiléimneach ón gcaimiteánach con mar dhéanfadh uait-se nó uaim-se: ag caitheamh a thóna: gan beann ar bith aige uirthe. Sé atá go foiléimneach ag rinnce i ndeireadh a shaoghail thiar do: éadtrom, seólta.

foilighim: *b.a.* clúduighim, clutharuighim, ceilim, cuirim i bhfolach, coingbhighim 'n-a rún. Foiligh do bhrághaid, ná bíodh sí leis, nó gheóbhair fuacht: clúduigh í: dún ar do

bhrollach. Foiligh fés na cártaidhibh: ghá "scughadh" dhuit congaibh a bhfaobhair síos ionnas ná feicfidh aon imirtheóir iad. Níor fhoiligh sí an biadh ar neach riamh a bhí 'n-a ghábhtar, ach é do riar go fial, fáilteach: níor loic sí: níor chongaibh fé chlúid é. D'fhoilighis an fhírinne orm nuair dubhrais ná raibh sé marbh ach an-bhreoidhte: choimeádais an fhírinne uaim. Ní hé an t-iomlán d'innseann cómhachta an chogaidh, foilsighid an chuid is diachraighe de ón bpoiblidheacht: coimeádaid 'n-a rún é. Foiligh thu féin sa ghleann go ngaibhidh an tóir thart: téighir as radharc (fé chlúdach éigin). Táim an-imshníomhach 'n-a thaobh ná foiligh uaim connus tá aige: ná ceil orm: ná congaibh uaim an fhírinne. "Agus adubhairt seisean, do chuala me do ghuth sa gháirdín, agus do bhí eagla orm agus d'fhoilsigh me me féin" (Gen. III. 10): chuadas as do radharc. Foiligh é sin id láimh agat, ná feiceadh aonne é: cuir as amharc é. Ná foiligh faic orm seadh is sásta bhead: ná congaibh aonnidh siar uaim. Foiligh an síol nó ní fhásfaidh sé: cuir cré air. Foiligh thu féin: socruigh do chuid éadaigh ar do chorp. Ceaca fhoiligheas grádh gráin nó nochtas grádh gnaoi?: a choimeádas fé cheilt.

foilighthe: *a.r.* clúduighthe, ceilte, curtha in áit i ngan fhios. Pé áit go raibh na gunnaidhe foilighthe aca níor bh'fhéidir a nochtadh: curtha as radharc agus ó chuardach. A aghaidh ar fad foilighthe le gearbaibh: gearbacha ar gach pioc di. Scéal foilighthe choidhche anois seadh connus do cailleadh an long, tuairisc ná tamhas ní bhfuairtheas riamh uirthe: rud atá 'n-a rún. "Ar an adhbhar san ná bíodh an t-eagla oraibh, óir níl nidh ar bith foilighthe ná tiocfaidh chun soillse agus níl aonne ar ceilt ná haithneófar" (Matha X. 26): 'n-a rún.

foilightheach: *a.* rúnda, ceilteach, cosantach ar dhíscréid. Dá fhaid beifí ghá cheistiughadh a's ghá chonstrabháil ní éalóchadh faic uaidh a shamhlóchadh go raibh sé cionntach, bhí sé ró-fhoilightheach dá lucht ceistiúcháin: cosantach ar an rún a bhí aige. Cuirimís fúinn annso, ionad foilightheach ná bíonn siubal aonne air, ní bhuaidhirfidh neach sinn: áit chiúin, iargcúlta. Téigheann díom do dhéanamh amach cad é an gnóth a bhí des na múchánaibh foilightheacha so fé thalamh: clúduighthe ó radharc. Nách foilightheach an áit gur cuireadh an corp nách féidir é d'fhagháil tréis an chuardaigh a's a bhfuil ghá chuardach: discréideach. Bí foilightheach, leig dos gach aonne gur maith leis é, labhairt, ná bíodh gíocs asat: ceilteach cosantach ort féin. Mórán focal go bhfuil ciall ró-fhoilightheach leó a théigheas díom oiread agus tuairm do thabhairt fútha: ró-dhoimhin, ró-dhaingean.

fóill: *a.* mall, socair, fós. "Fan go fóill" ars an ghaoth, an aimsir a inneósaidh cé bhuaidhfidh an cogadh: bí foidhneach: ná bí ag baint aon tátaill as imtheachtaibh an chogaidh go dtí so, as mhaoidheamh aon taoibhe as a neart nó a n-aineart. Nách mór go léir an gritheal atá ort, fan go fóill leat féin: beir fada air. Is baoghalach ná beadh réidh go fóill, tá an diabhal 'sa mháthair d'obair rómham: go ceann tamaill eile. Ní fóill atá uaidh siúd ach síorghluaiseacht: ní go ceann scathaimh, etc. Ná bíodh go fóill agat ach dein ar thap an tairnge é: ná bí ghá chur ar gcúl: an bheart láithreach an bheart. Dá bhfantá go fóill san ósbuidéal b'fhéidir go raghadh feabhas ort: go ceann tamaill. Bhíodar ó fhóill go fóill gur thráigh uatha a's gur líon fútha a's nuair dob fhonn leó gluaiseacht bhí sé ró-dhéidheannach: ó mhoill go moill. Fóillín (beag) eile a's bead réidh chun dulta leat: moillín beag. Tabhair fóillín eile dom a's ní theipfead ort: eaga an-ghearra.

fóilleach: Bead annso go fóilleach táim ag feitheamh lé huain: ar feadh tamaill. Leig don uisce go fóilleach go bhfiuchaidh sé: tabhair eaga dho.

fóillim: *b.a. 7 n-a.* stadaim, coiscim, staonaim. Fóill! fóill! a bháis: staon ar feadh tamaill. Fóill! ar do láimh ná buail é!: coisc í. An iomad fuadair ar fad atá fút. Fóill! adeirim: stad. Fóillidh oraibh, a fheara, ná bídh ag rith libh féin ar fad, is minic do chonnac fir chómh maith libh: go réidh annsan díbh. Dá bhfóilleadh sé nuair fógradh air go raibh an fleasc imthighthe dá roth ní thárlóchadh an tionóisc seo do ach shead sé leis: dá moilligheadh sé. Fóillfead duit-se mar is fiú liom ort é ach ní fhóillfinn d'aonne eile: maolóchad: ciúnóchad. "Fóill!" – "ná fóill ná é": lean ort chómh diair agus tá id chroidhe. Go bhfóillfeadh sé siúd leat ná lé neach eile nuair bhí an fóghmhar go léir air, nár chás do: go bhfanfadh sé leat etc. Ars an ceann airm lé n-a chuid fear, "fóilltear!" agus do stadadar go grod.

foillse: *b.4.* léargas: soiléire, follusacht, maoin soifheicse. Ar theacht dos na báillidhibh ní raibh stoc ar a chuid talmhan do thógfaidís, rothaidhe sa tigh, arbhar 'n-a iothlainn ná foillse ar bith istigh ná amuigh: aon tsaghas maoine go bhféadfaidís greim d'fhagháil air. Dhearbhuigh an gárda nár bh'eól do foillse cothuighthe gen gcosnach: aon rud léir gur bh'fhéidir leis maireachtaint air. Foillse mhór nirt don nGearmáin dul sa tíorthaibh tuaiscirt d'aindeóin a namhad: teasbáinteas iongtach. Ar dhul i bhfoillse don mhaidin a's go raibh an bealach chun eólais do ghluaiseamair: ar dhul i léargas, i ngile. Ar a ghiorracht aimsire agus a luighead cabhartha budh dheacair locht d'fhagháil ar an méid foillse atá déanta agaibh, tán sibh lé moladh: toradh saothair. Ní thaithnigheann foillse a chulaithirte léi, b'fhearr léi gnáth-chulaith air 'ná an filleadh beag: blomas: scléipeacht: éirghe anáirde. Mórán foillse, bail ó Dhia ortha déanta ag muinntir an tighe seo ar an Earrach: lé teasbáint aca go bhfuil cuid mhaith oibre aca. Is éachtach an foillse cabhlach mór ag cleachtadh bréagchogaidh: radharc áidhbhéil. Buidéil fhollamha iad san ar an bhfuinneóig, níl ionta ach foillse: go mbeidís lán mar budh dheadh. (**foillseacht**)

foillseach: *a.* glan, léir, mínightheach, áidhbhéiseach, taidhbhseach, bastallach, péacach. Duine cúthail, iargcúlta seadh é a's ní maith leis éadach foillseach do bheith air ar eagla go mbeifí ghá bhreithniughadh: taidhbhseach: iontugtha fé ndeara. An chiall atá tugtha agat leis an bhfocal tá sé foillseach a dhóthain don té is daille: soiléir. Tá mo chroidhe díchill déanta agam ghá chur i gcéill a's ní fhéadfainn bheith níos foillsighe 'ná san: é do mhíniughadh ná do mhionughadh níos fearr. Táir ró-fhoillseach dómh-sa chun na sráide do shiubhal leat, leis an gcarbhat áidhbhéil san: suaithinseach.

foillsighim: *b.a.* teasbánaim, scéidhim (rún), craobhscaoilim, fógraim, cuirim amach, mínighim, mionuighim, dealbhaim (lé peictiúiridhibh). Dá bhféadtá-sa nó aonne eile a rádh liom-sa, "foillseochad duit gur fearr d'fhear me 'ná tú" agus a dhéanamh chrothfainn lámh leat: cuirfead in iúil duit. Ar an imirt do dheineadar ó thúis d'fhoillsigheadar gur chliste iad 'ná a gcómhsparnaidhthe mar gheibhidís seilbh na liathróide i ngach brughtam: teasbáineadar go soiléir. Níl aon rud ná go bhfoillsightear leis an aimsir: ná go dtagann amach. "...noch ins na haimsearaibh eile mar foillsigheadh do chlannaibh na ndaoine, dréir mar tá sé anois ar n-a fhoillsiughadh dá aspalaibh naomhtha agus dá fháidhibh tríd an Spioraid" (Eps. III. 5): do bhronnadh nó do thabhairt ó neamh 'n-a

fhírinne dhiadha. D'fhoilsigh Muire óighe í féin i gConga: theasbáin. Foillseóchad duit anois connus mar bhí ó thúis deireadh gan oiread a's aon ghiota amháin d'fhágaint ar lár: ríomhfad: tráchtfad duit air. Um Nodlaig foillsightear mórchuid bréagán sa tsiopa san: cuirtear ar teasbáint iad. Tá sé fógartha go bhfoillseófar díoghluim filidheachta go luath san aithbhliadhain: go gcuirfear amach ós na clódóiridhibh. Ar ór na cruinne ní fhoillseóchainn d'aonne an gníomh gránda do chonnac dhá dhéanamh: ní innseóchainn. Foillseóchaidh sé an leabhar annso agus annsúd: maiseóchaidh sé le peictiúiridhibh é. Níl rud do chidhimíd ná cloisimíd ná go bhfoillsigheann Dia a ghlóire a's a mhórdhacht tríd: cuireann go soiléir dúinn.

foillsighthe: *a.r.* craobhscaoilte, teasbánta, soiléirighthe, fógartha, curtha in iúil. Cé shéanfaidh ná go bhfuil a neart foillsighthe gen nGearmáin: teasbánta agus cruthuighthe. Ná téighir a thuilleadh ar an gcúrsa, tá sé go léir foillsighthe agat dom go dtuigim anois é: mínighthe, mionuighthe. Tá udhacht m'athar foillsighthe ó indé bhí sí ar gach páipéar: craobhscaoilte: innste do chách go poiblidhe. Oiread agus focal níor sceinn ó n-a béal ach an fhírinne fhoillsighthe nuair dubhairt sí ná raibh sí ach dathad bliadhain, sid é an teastas ghá dheimhniughadh: an fhírinne ghlan. Cad é an mhaith bheith d'iarraidh é do cheilt anois nách scéal foillsighthe ar fuaid an cheanntair ar fad é: innste go fóirleathanadamhail. "Cur in aghaidh na fírinne foillsighthe": na fírinne a bhíos cruthuighthe gan aon amhras do bheith 'n-a taobh.

foillsightheóir: *f.3.* duine a chraobhscaoileas eólas nó fios, nó a chuireas leabhartha amach chun an tsluaigh. Ní maith an foillsightheóir ar an bhfírinne é, focal di ní thagann as a bhéal: sás a hinnste. Chómh maith d'fhoillsightheóir scéil a's chuala riamh, a shlachtmhaire is deacair do shárughadh: sás innste. Foillsightheóiridhe leabhar: lucht a chuireas amach iad nó a mhaisigheas iad.

foillsiughadh: *f.* (*-sighthe*) (do) theasbáineadh, (do) chur os chómhair nó ameasc na ndaoine, (do) mhiniughadh, (do) mhionughadh, (do) mhaisiughadh, (do) nochtadh, tiargabháil, fógradh. Foillsiughadh nirt seadh meádhachtaint áidhbhéil d'árdach ón dtalamh: teasbáinteas: cur in iúil. Foillsiughadh drochaimsire seadh an léas mhaidne sin: cómharthaidhe: tuar. Fagháil an ghunna a dhein an marbhadh i seilbh an fhir seo, im thuairm-se nách foillsiughadh suidhte é gur b'é atá cionntach: fínéacht, cruthughadh ceart. Bíonn foillsiughadh mór earraidhe Gaedhealach ar Aonach na gCapall in Áth Cliath: bailiughadh mór do bhreithniughadh na ndaoine. Chaitheas m'fhiacla ghá fhoillsiughadh dho connus mar budh cheart gluaisteán do rith ach ní fhoghlumóchadh sé: ghá mhíniughadh dho. Ag siubhal an cheanntair iontsuime úd don mbeirt againn bhíodh mo chomrádaidhe ghá fhoillsiughadh dhom cad é an stair a bhain lé seanoibreachaibh a's seanfhothrachaibh na háite: ghá mhíniughadh dhom. Ní fada ná go mbeidh aon leabhar dhá fhoillsiughadh a's beidh cao ar é do léigheamh: dhá chur os chómhair an tsluaigh. An gcorróchaidh sibh choidhche chun oibre? níl aon fhoillsiughadh dhá dhéanamh agaibh, faic a mhaireas níl de rian in bhur ndiaidh: ullamhughadh: tiargabháil. Dá mhéid airgid a bhí air aca dá ndeineadh sé a luighead foillsighthe, ach níor thug pingin uaidh, ní bheifí dian air: iarracht éigin ar a fhiacha d'íoc. Daoine iad súd, dícheallach, freagarthach go bhfuil foillsighthe a ngnótha ionta: go bhfuil a thabhairt amach ionta. Ó láthair mo bheatha ní fheaca ná ní chuala a lithéid d'fhoillsighthe feirge ar aonne: suidheamh:

teasbáinteas. Dá mbeinn ag trácht choidhche air do raghadh díom an radharc corpán laitighthe, stollta a chonnac sa trínsidhibh tréis lae catha, bhí sé os cionn foillsighthe lé bréine agus gráinne: níor bh'fhéidir cur síos 'n-a cheart air.

foinse: (**fuinnse?**) *b.4.* tosnughadh, túis. Thuas i sliabh an chnuic ins na portaidhthibh atá fuinnse an tsrotha so: túis: mar a n-éirgheann sé.

fóir: *b.5.* cabhair, cóngamh. A Dhia, tabhair fóir orm in am mo ghábhatair, mar gan é bead ar an bhfán: tair dom chabhair. "Fóir! fóir!" ars an fear a bhí dhá bháthadh: cóngamh: tagtar chun mo chabhartha. Is iomdha slighe i nganfhios d'aonne gur thug sé fóir ar dhaoinibh – cáirde, déirc, carthanacht: cóngamh: a dhein maitheas nuair bhí gábhadh leis. Deineadh mionramh dá lorgain, tá sí thar fóir, choidhche ní shlánóchaidh sí: nách féidir a leigheas. "Agus is minic do theilg sé i dteine agus in uisce é chun go millfeadh sé é, ach má tá cómhacht ar bith agat-sa bíodh truagh agat dúinn agus fóir orainn" (Marc IX. 22): fuascail sinn. Duine neamh-spleádhach mise ort níl do chabhair ná t'fhóir uaim: cóngamh aon am ná fuascailt láithreach.

fóir: *b.5.* na fóid chosanta síne a bhíos ar chruaich mhóna, ciumhais, faobhar, bruach, teóra. Ag cur fórach ar an gcruaich: ag cur na bhfód bhfoirimeallach ar a bhfaobhar fiar-sceó go sileadh an braon anuas. Stad anois, tá do dhóthain díoghbhála déanta agat, ná téighir thar fóir ar fad: thar cuimse: thar cailc. Chuadhas thar fóir orm féin, is eagal liom, leath ar chuireas rómham mo choisce, a rian orm gur ghoirtigheas me féin: thar mo riocht: thar an méid go raibh cumas nirt agam air. Bail ó Dhia oraibh is breágh an líon tighe sibh i bhfóiribh a chéile: in aon díorma: i bhfochair a chéile. Buail chughat do chuid airgid i bhfóiribh (i bhfóireamh) a chéile a's ná bíodh ar bóiléagar, cuid de thall a's cuid de abhfus: i bhfochair a chéile: in aon deascán amháin. Go dtugaidh Dia dhom go bhféadad mo mheabhair do chongbháil i bhfóireamh a chéile: gan scaipeadh. Mo thruagh iad na fir bhochta, chuadar go gléir ar tóin puill gach donn duine aca i bhfóireamh a chéile: gan duine do shaoradh. D'imthigheadar ó fhóireamh a chéile fadó riamh, ceann ar iasacht annso a's ceann annsúd, go ndeaghaidh an leaghadh ortha: ó bheith in aon bhailiughadh. Bíd i bhfóireamh a chéile ag ól: in aon chuideachtain. Tógadh in ár mbráighibh sinn i bhfóireamh a chéile: rugadh orainn a's sinn in aon díorma.

foirb: *b.2.* rian, cómhartha, méiscre, léas, fústa. Siúd é an máighistir gur ghearr an mhoill air foirbeacha do chur ort lé bata mara gceapfá do shuaimhneas: fústaidhe: rianta ar an gcneas. Treasna a leicne do bhí foirb ghránda do fuair sé ó stiall cloidhimh: rian tréis gearrtha.

foirbeach: *a.* riantach, garbh, lán d'fhústaidhibh nó de fhadharcánaibh. Na ladharacha foirbeacha, láidre atá air ó bheith ag tarrac théad 'sag rámhaidheacht: cnapánach. Cosa gránda, foirbeacha ná faighfí bróga oireamhnach dóibh: fadharcánach.

fóireamh: *f.* cabhair, cóngamh. Tabhair fóireamh orm, tá an t-ualach so ró-throm dom: tair agus cabhruigh liom. Is iomdha fóireamh do thug sé dhom, airgead, cabhair tímcheall an tighe agus mar sin de: cuidiughadh: tacaidheacht. Faid bhíomair i bhfóireamh a chéile

níor bh'fhéidir sinn do chlaoidheachtaint, nuair scaipeamair b'fhuraiste sinn do chur ar lár: i bhfochair a's i dteannta.

foireann: (**fuireann**) *b.* (*fóirne*) buidhean, complacht, díorma; "barr" nidhthe. An fhoireann peile atá againn tá sé buachaillidhe déag ar a líon: an bhuidhean: uimhir áirighthe daoine. Báthadh an fhoireann báid go léir: an méid fear a bhí ag dul lé n-a hoibriughadh. Cé hé ná cuirfeadh tuaith innte a's an fhoireann bhreágh fiacal atá 'n-a béal: cír fhiacal. Nuair bhí an chéad fhoireann coinneall ar an dtórramh caithte do cuireadh an dara foireann ar an mbórd: an dara barr (barra). Connus is féidir treabhadh do dhéanamh gan foireann iomlán céachda: soc, etc., a leanas é. Fiche fear ag rinnce ar aon uair a's a bhfoireann ban: a gcómh: bean ar fhear. Dá mbeadh m'fhoireann agam-sa is fada go gcúlfainn uait-se a's ó t'fhoirinn: mo chomplacht: mo lucht leanamhna. Foireann mhaith mhúinteóiridhe ar an scoil sin: líon múinte. Foireann adeir go mbuaidhfidh Sasana, foireann eile ná buaidhfidh: daoine áirighthe. "Is é rún agus fonn na fóirne/ dá mhéid síth do ghníd lé n-ár bpór-ne/ an drong a bhíos ag réidhteach leó againn/ súgradh cluiche an chuitín chródha": an dreama: complacht áirighthe Shasanach: lucht poilitidheachta. Ní dá bhfoirinn me, sin fáth ná fuilim 'n-a bhfóireamh: ní bhainim leó: ní theastuighim uatha. Foireann páipéir nuadhachta, ósbuidéil, monchra, etc, scata daoine inneallta, curtha lé chéile chun cúraim áirighthe do dhéanamh.

foireannta: (**fuireannta**) *a. n-dh.* fé fhoirinn; láidir fé chúlaistínidhibh nó lucht leanamhna. Long droch-fhoireannta agus a rian uirthe b'fhada di ag baint caladhphuirt amach: criú gan taithighe loingseóireachta. Féach cé chuirfeadh aon chruisteach ar an dtuinncéir mór a's é chómh deagh-fhoireannta, an aicme go léir 'n-a thímcheall: mórchuid chúlaistínidhe 'n-a thacaidheacht. Bítear ag obair tar tráth san oifig toisc a bhfuil de ghnóth ann a's gan í foireannta a dhóthain: a cómhthrom oibrightheóiridhe ann. Cómhachta an chogaidh anois chómh foireannta i gcóir catha agus bheidh: oiread fear agus armála aca anois agus bheidh choidhche.

foiréigean: (**fóiréigean**) *f.1.* éagcóir nirt, feile-shárughadh ar an gceart, éigceart, leatrom lán-luas; dian-fháscadh. Ghluaiseas ar foiréigean gan leigeant do ruibe den bhféar fás fém chosaibh nuair chonnac tóir mo mharbhtha im dhiaidh: ar saothar a's lán-luas. Sínte i ndíg claidhe do fuairtheas é a's a cheann 'n-a mhin, bás foiréigin do: bás gránda, éagcórach, fealltach. "Cad eile é", ars an fear clipighthe, "ach foiréigean ceart dhá scilling do bhaint díom as phúintín ime?": fáscadh airgid asam go ró-mhí-cheart. "Agus adubhairt seisean leó, ná déinidh foiréigean ar dhuine ar bith agus ná hagraidh [duine ar bith] go héagcórach agus go mbudh leór díbh bhur dtuarasdal" (Lúcás III. 14). An foiréigean os chionn foillsighthe a dhein tighearnaidhe talmhan ar fheirmeóiridhibh – duibhchíseanna, gan eaga díolta a's caitheamh amach: leathtrom: luighe trom míothrócaireach. Dein fóir orm, tá na cladhairidhe seo ag déanamh foiréigin orm, ag cur d'iachall orm airgead do chaitheamh ortha dem aindeóin: ag imirt a nirt orm go héagcórach.

fóirim: *b.a. ₇ n-a.* cabhraim le, fuasclaim, saoraim, faoisighim, fortuighim, cuidighim le. Fóir orainn, a Dhia, in am an chatha, a's ná leig dúinn tuiteam leis an ndiabhal malluighthe: tair dár gcóngamh. Dá luighead plúir atá againn faid mhairfidh sé fóirfidh sé: déanfaidh feidhm dúinn: conghaibheóchaidh sé ó ocras sinn. "An luibh ná faightear is

í a fhóireann": dar linn dá mbeadh so nó súd againn nuair bhíonn ceasnaidhe orainn go leighisfeadh sinn: an rud is mó do theastuigheann uainn ní bhíonn an dul againn air. "Go bhfóiridh Dia orainn", rádh coitcheann lé truaighmhéil nó lé mímheas ar aonnidh gan mhaith. Má tá do chlann óg, lag féin fós, fóirfid ort lá éigin: tabharfaid cabhair agus cóngamh duit. Fóireann béal na huaighe ar naoidhe na truaighe: is minic a fhágas duine le linn bháis do oighreacht ag duine go mbíonn gábhatar trom air. Nuair bhíos-sa go breóidhte, tinn ar chnámh mo dhroma b'shiúd í an bhanaltra a fhóir agus a fhuar dom: a thugadh faoiseamh agus ceannsacht dom. Má fhóir aon rud riamh ar dhuine d'fhóir an deoch san orm-sa, táim ag siubhal ó mhaidean spallta leis an dtart: d'fhuascail sí mo chruadhchás. An máirnéalach bocht dhá léasadh i gcoinnibh na gcarraigeach a's gan neach ann a fhóirfeadh air: a thabharfadh iarracht ar é do shaoradh. Is é Dia d'fhóir air a's é árdach as an saoghal so ar an gceasnaidhe doileighiste a bhí air: a fhuascail air. "Ach an t-am do chonnaic sé an ghaoth láidir do ghaibh eagla é, agus an uair do thionnscain sé dul in íochtar do scread sé ghá rádh, a Thighearna, fóir orm" (Matha XIV. 30): saor me. Deirtear in éadóchas, "cé fhóirfidh anois air etc.?": cé hé gur féidir leis maith do dhéanamh do.

fóiritheach: *a.* cabharthach, cóngantach, fuascaltach. Beir lámh fhóiritheach annso dhúinn ní fearra dhuit bheith it stuipéar dhíomhaoin ag amharc orainn: lámh chóngantach: beir cabhair dúinn a éadtromóchas an duadh. Thángadar chughainn go fóiritheach, mara mbeadh iad bhí an lá orainn: fuascaltach: thugadar cóngamh a thug dúinn an buaidh do bheith againn. Siopadóir fóiritheach don gceanntar é sin, is mór a bhfuil scaoilte ar cáirde aige a's níor leig sé neach riamh follamh: a thugas fuascailt ar dhaoinibh i mbroid. Maoidheann na cómhachta cómhair go bhfuil cabhair fhóiritheach ar an slighe chun na Lochlannach chun na Gearmánach do ruagadh: cabhair nách baoghal go dteipfidh ar a toisc.

fóirithin: (**fóirithint**) *b.2.* fuascladh, saoradh, cóngamh: leigheas. Ní haon fhóirithin dom liagh ná dochtúir anois, tá an aicíd dulta ró-dhaingean ionam: ní maith ná cabhair ar bith. Dá mbeadh aonne tímcheall a raghadh ag fóirithin air agus an trucaill d'árdach de in am bheadh dul go mairfeadh sé: chun a fhuascalta. Mara mbeadh a luathacht a tháinig Meirice chun fóirithinte na gCómhacht Cómhair sa chogadh mhór cheana deir eólgaigh go mbeadh thiar ortha: do chuidiughadh leó. Is beag an fhóirithin i dtigh, cé gur fóirithin éigin é, deich scillinge sa tseachtmhain: cóngamh. Dá mbé toil Dé go dtiocfadh aon fhóirithin anoir ná aniar orainn: cabhair fhuascalta.

fóirleathaim: (**foirleathaim**) *b.a.* fógraim, scaipim go fairsing, árdmholaim. Fóirleathfad do cháil lém mheas ort an dá lá dhéag a's faid mhairfead: molfad do shíor a's de ghnáth thu. D'fhóirleathanuigh an scéal d'aindeóin na clatharachta do bhí dhá dhéanamh air go raibh sé beag a's mór: scaip sé ar nós na gaoithe. Mara gcuirtear cosc in am leis an aicíd seo fóirleathanóchaidh sí ar fuaid an cheanntair: scaipfidh san uile bhall. D'fhóirleathanuigh an fhiadhaile san arbhar, go dtí gur dhóigh leat ná raibh ann ach é: d'fhás go flúirseach a's fairsing. Fóirleathanuigh do bhrat ort: cuir umat ar fad é.

fóirleathan: (**foirleathan**) *a.* an-leathan, an-scaipighthe, fairsing, aithriste, flúirseach. An fíor nó bréag é ní fheadar, ach go bhfuil sé fóirleathan ó Chorcaigh go Daingean: i mbéal

gach aonne. Beidh toradh in Éirinn ambliadhna go fóirleathan, beidh sé fuighleach: an-fhlúirseach. Leirg mhór, fhóirleathan thalmhan, na céadta acra curtha fé chrannaibh: fada, leathan, toirteamhail. Fuair an lucht ceannais cunntas ar cheannairc fhóirleathan a bhí ar siubhal ar fuaid na dúthaighe in aghaidh an Riaghaltais: ceannairc a bhí scaipighthe go fairsing i ngach ball. Mo thruagh ná fuil eólas fóirleathan agam ar mo theangain dúthchais: iomadamhail, fairsing, doimhin. Ní éanlaithe fóirleathan an t-éan beannuighthe: iomadamhail.

fóirleathantas: (**foirleathantas**) *f.1.* fairsinge, iomadamhlacht, coitcheanntacht, mór-thighearnas. Gheobhair fóirleathantas bídh a's fáilte mhór: raidhse. Bórd go raibh fóirleathantas air a sháiseóchadh an té budh bheadaidhe sa chúige: flúirse agus éagsamhlacht tomhaltais. Fágaimíd go léir an ghainne nó an fóirleathantas 'n-ár ndiaidh: an beagán nó an saidhbhreas mór. Nách dóigh leat ná go raibh fóirleathantas ag an bhfear a fhág dhá chéad míle púnt 'n-a udhacht: iomadamhlacht maoine. Dá mbeadh fóirleathantas aige chaithfeadh sé é lé n-a rabairne: maoin mhór. Cuimhnigh, a bhráthair, ar fhóirleathantas na mara, nách áidhbhéil é machtnamh air: fairsinge, doimhneas a's diamhaire.

fóirleathanughadh: (**foirleathanughadh**) *f.* (*-uighthe*) fairsingiughadh, mórmhéadughadh. Tá an cogadh ag fóirleathanughadh isteach sa tíorthaibh tuaiscirt anois: ag scaipeadh amach i ngach treó as an áit n-a raibh. Leagtar an falla san agus cuirtear dosaon éigin eile troigh leis an dtigh chun é d'fhóirleathanughadh: breis mhór slighe do chur ann. Thíos i mbonn mo choise chuaidh tairnge meirgeach a dhein braon a's níor stad an tinnidheacht d'fhóirleathanughadh gur shroich mo ghlúin: ar scaipeadh go fairsing. Aonne ná tugann fé ndeara anois fóirleathanughadh na Gaedhilge tá sé caoch, bodhar: a fairsingiughadh ameasc na ndaoine. Anois ataoi agam, a's do thuigim i gceart 'si gcóir thu, dá bhfaghainn an fóirleathanughadh san ar dtúis ar an gcúrsa ní bheinn in amhras: míniughadh mion. Deirtear go mbíonn os cionn sé troighthe ó bharr barr sciathán an fhiolair ar a bhfóirleathanughadh dho: ar a searadh in iomláine. Ní chreidim ach cuid uait mar ná raibh aithris aon scéil riamh agat ná go ndéanfá fóirleathanughadh air: áidhbhéis agus seóraidhe air.

fóirleathanuighim: (**fóirleathaim, foirleathanuighim, foirleathaim**) *b.a.* $_{7}$ *n-a.* méaduighim, craobhscaoilim, scaipim. Chómh luath agus chonnac thu ní raibh a fhios agam cé bhí agam, bhíteá caol, tairngthe ach d'fhóirleathanuighis as aithne na ndaoine, táir téagartha, mór: d'éirighis chun cothuightheachta agus méid. Fóirleathanóchaidh an stoc ar an bhféarach saidhbhir sin 'sis fiú an scian do chur ionta: tuitfidh i bhfeóil.

fóirleithead: (**foirleithead**) *f.1.* méadughadh, mór-thoirt, fairsingiughadh, scéitheachtaint. Fóirleithead a chéile a chrádhadh an té a bhí in éad leis: a fhaid a's a fhairsinge a bhí a cháil. Loch seadh í ná fuil mórán fóirleithid innte: shiubhalfá tímcheall air i leathuair an chluig: mórán líomatáiste. Ná bí ghá cheilt, tá sé fóirleithead i mbéal na dúthaighe.

fóirleathadach: (**fóirleathadamhail, foirleathadach, foirleathadamhail**) *a.* iomlán, mór-scaipighthe, fairsing. Tá sé fóirleathadach air, chloisfeá 'n-a rún ós gach aonne é, gur

bitheamhnach é: ameasc na coitchiantachta gur mar sin atá. Fé láthair tá an t-iasc fóirleathadach sa bhágh, níl aon áit ná go bhfaightear é: scaipighthe go hiomadamhail. Dúthaigh fhóirleathadach seadh Meirice, is mó aon stát amháin innte ná Éire: fairsing, toirteamhail.

fóirleitheadamhlacht: (**foirleitheadamhlacht**) *b.3.* mórfhairsinge, dóthanacht, mórfhlúirse, scaipightheacht. Is dual do ráfla gur ag dul i bhfóirleitheadamhlacht do bhíonn: ag méadughadh a's ag dul in áidhbhéise ar gach aithris. Chuaidh neart Shasana agus na Frainnce i bhfóirleitheadamhlacht lasmuigh go bhfuil talmhaintidhe aca san uile áird den domhan: i bhfairsinge. Stad sé nuair bhí a fhóirleitheadamhlacht de thalamh aige a's nár bh'fhéidir leis a thuilleadh de d'iondrabháil: a dhóthain mór. Fóirleitheadamhlacht na n-oileán a's gan iad i bhfóireamh a chéile a bheireas dóibh bheith a dheacracht teacht ortha: a scaipightheacht ó chéile.

fóirlíonadh: (**foirlíonadh**) *f.* (*-nta*) (do) chríochnughadh, (do) sháithiughadh, (do) mhór-mhéadughadh, (do) adughadh ar. Lé déidheannaighe táir ag fóirlíonadh, is fearr ná go raghair as aithne na ndaoine lé feóil a's toirt: ag méadughadh a's ag dul i dtoirt. Ag fóirlíonadh na mbeárnacha a bhí 'n-a chuid scríobhnóireachta: ag cur isteach rud a bhí ar lár in áiteannaibh. Alpaire sanntach a bhí ghá fhóirlíonadh féin lé biadh go dtí gur shaoileas go bpléascfadh air: ag cur 'sag athchur 'n-a ghoile: ghá sáithiughadh féin. Ó Ghairdín Pharrathais bhí an chinidh daonna ag fóirlíonadh a's ag fóirlíonadh gur scaipeadar ar fuaid an domhain uile: ag méadughadh a's ag dul i líonmhaire. Na focail a tháinig isteach ró-dhéidheannach lé cur i mbolg an leabhair cuireadh mar fhóirlíonadh leis iad: mar aguisín nó breis 'n-a dheireadh. Is cuimhin liom go mbítí ag fóirlíonadh na mbarraille maircréal go dtí ná bíodh slighe do cheann amháin eile ionta: ag palcadh 'sag brughadh an éisc ionta.

fóirlíonaim: (**foirlíonaim**) *b.a.* ₇ *n-a.* líonaim go scéimh, go brúchtghail, lán-chríochnuigim, mór-mhéaduighim, palcaim, téighim i gcothuightheacht, sáithighim. An sáthach craosach níor laguigh ar an itheadh aige gur fhóirlíon sé é féin go poll an phaidrín: gur alp a's phalc biadh 'n-a ghoile. Níl peaca an tómhais ar an bhfear tábhairne seo fóirlíonann sé na ciotaidhe go scéitheachtaint: cuireann ionta go dtí go mbíonn ag imtheacht dá scéimh. Fóirlíontar gach paca cadáis go teann, daingean a's cuirtear fonnsaidhe stáin air chun a choimeádta mar sin: palcuightear go cruaidh ar a chéile é. "Agus go mbeannuighidh Dia Uile-chomhachtach thu agus go ndeárna síolmhar thu agus go bhfóirlíonaidh thu agus go mbí tu it iomad daoine" (Gen. XXVIII. 3): go méaduighir gan teóra. "Agus do bheannuigh Dia iad ghá rádh, bídh torrthach agus fóirlíonaidh, agus líonaidh na huiscidhe ins na farraigidhibh agus líonaidh na héanlaithe ar an dtalamh" (Gen. I. 22): líonaidh go hiomlán. Ní réidhtigheann prátaidhe leis, fóirlíonaid é agus tairngid gaoth air: ataid é. Mar a raibh lag mhór, bhog sa bhóthar fóirlíonadh le carraigeachaibh cloch agus grean go bhfuil ar chóimhrian leis an gcuid eile dhe: palcadh a's teannadh. Mar ar fhág sé cuid den saothar ar lár d'fhóirlíonfadh sé ach ná raibh an eaga aige: chuirfeadh isteach mar earball nó aguisín é. Pé locht atá air fóirlíonann sé a gheallamhna, riamh níor bhris sé a fhocal: cóimhlíonann.

fóirlíonta: (**foirlíonta**) *a.* lán go scéidheachtaint, fíor-chríochnuighthe: bláthmhar: teann: broicealach: ar aiste mhaith: borrtha. Ainmhidhe dob fhóirlíonta 'ná an bhó tréis na hoidhche sa chlóbhar ní shaoilfeá, ach a rádh nár scoilt uirthe: borrtha go ró-mhór. Tá do challán, a chailín, ró-fhóirlíonta is eagla liom go ndoirtfir do chuid bainne: lán suas go scéimh. Fuaireas bosca a bhí chómh fóirlíonta d'fheóil a's gur dhóigh leat ná raibh slighe gaoithe ann: palcuighthe, dlúth teann ar a chéile. Na coingheallacha a cuireadh sa mhargadh air táid go léir fóirlíonta aige ionnas ná fuil cúis ghearáin air: cóimhlíonta: coimeádta. Gach aon rud a bhaineas léd pheictiúir anois tá sé fóirlíonta, árduigh leat é: pé cuimilt chun snasa do theastuigh annso agus annsúd uaidh tá sé fachta aige. Ní fhéadfadh san gan cothughadh maith bheith dhá fhagháil aige, féach chómh fóirlíonta a's tá sé: broicealach: gan roc ná logarthacht ann: ar aiste mhaith. Dá mbeadh lamhnán fóirlíonta ní bheadh leathar na peile bog, marbh: lán go teann. Fan eadrainn faid a's bhíonn do theadh, ith a's ól do leórdhóthain, tá an teach so fóirlíonta go gcothóchadh mainistir: go leór mór ann den uile shaghas ionchaithte.

foirm: (**feirm, fuirm**) *b.2.* cuma, crot, deallramh, comar, eiligean, aiste. Chonnaic sé an amhailt i bhfoirm madra móir duibh: cuma an mhadra ar an dtruth. Deireadh sé nuair bhí sé ag dul chun aitis a's neamhmeabhrach go dtagadh a mháthair chuige i bhfoirm aingil: deallramh an aingil uirthe. Braitheann sé i bhfoirm mhaith, léimfeadh sé tigh duit: ar aiste mhaith: lán d'anam a's d'anáil. Tháinig foirm oifigeamhail lé líonadh chun seanbhuachalla an tighe seo i dtaobh an tseantáille go bhfuil curtha isteach aige air: cáipéis, deachtán nó meamram go mbíonn mórán mionghiotaidhe nó fighidhe lé freagairt a's lé líonadh ann. Cad tá ort ná faigheann tu bean? táir i bhfoirm 'si ndéanamh chómh maith leis an gcuid is fearr aca: i gcrot agus ar aiste pearsan, inntine a's maoine, etc. An rud adubhairt sé budh mhaith é ach ins an bhfoirm go ndubhairt sé é b'fhearrde é bheith níos banamhla: ar an gcuma. Taithnigheann a fhoirm scríobhnóireachta lé furmhór, toisc a réidheacht, a soghluaiste, a líomhthacht a's a sothuigse: comar: eiligean: an tslighe 'n-a gcuirtear smaointe i mbriathraibh, scríobhnóireacht nó aighnis. "Agus do bhí an talamh gan foirm agus folamh, agus do bhí doircheadas ar aghaidh an aigéin, agus do chorruigh Spioraid Dé ar aghaidh na n-uiscidhe" (Gen. 1. 2): gan chuma: gan chrot: gan líomnadh. Is fada ó bheith déanta an bád nár cuireadh i bhfoirm fós: nár tairngeadh amach i bpátrún. Dá mbeadh a thuilleadh guail ar an dteine bheadh sí sa bhfoirm cheart: ar an gcuma gur cheart di bheith chun maitheasa do bheith innte. Brostuighidh, tá an aimsir dhá chaitheamh agaibh cathain bheidh sibh i bhfoirm aonnidh do dhéanamh: i gclódh: réidh, tiargabhálta. Bíonn foirm áirighthe úrnaighthe roim agus tréis Aifrinn gen Eaglais: paidreacha órduighthe lé rádh ar chuma ná lamhálfí d'atharrughadh. Aon rud i bhfoirm bídh ní raibh sa tigh, fuar, te, ná beirbhthe: rud in ao'chor do b'fhéidir d'itheadh. Táimíd i bhfoirm anois: i dtreó cheart. Cad is foirm dos na mionna i gcúirteannaibh do thíre-se?: cad é an chuma go leabharuigheann.

foirmighim: *b.a.* cúmaim, cuirim crot air, ceapaim, sínim amach. Foirmigh ar an gcuma so an bád, triocha troigh ar faid, sé troighthe ar a béal: sín amach í: cúm í. Foirmigheann an gabha so cruite ar shlighe ná feaca chómh slachtmhar cheana: deilbhigheann iad: tugann cuma ortha. Foirmeóchad na bróga so ar an tslighe is mian leat, barra caol nó leathan, sála árda nó ísle: beartóchad: déanfad: cúmfad.

fóirneart: (**foirneart**) *f.1.* leathtrom, éigean, éigeantas, lámh láidir dhásachtach, cómhacht áidhbhéil. Lé fóirneart do dhéanamh air fáisceadh admháil as ghá rádh go raibh sé láithreach ach ní raibh: iachall thar cheart: tinneas corpardha d'imirt mar é do bhúrdáil. Lé fóirneart na farraige bhí sí ag cur bóirneacha cloch trí chéile ar fuaid an chladaigh go raibh fuaim tóirneach aca: neart áidhbhéil: cómhacht ró-mhór. Lé fóirneart do bhain Sasana seilbh in Éirinn: neart dhá imirt in éagcóir. Fóirneart na gaoithe a's na mara do réab a's do stiall an long: corruighe cómhachtach, borb, fiochmhar. Ní ceart fóirneart do dhéanamh ar an neamhchionntach ná ar an anbhfann: déanamh éagcórach do thabhairt dóibh ná luighe go ró-throm ortha. Buaileadh le fóirneart ar aghaidh an chroidhe é gur thuit 'n-a phleist mharbh: reacht cómhachta: iomad fuinnimh a's nirt.

fóirneartmhar: (**foirneartmhar**) *a.* áidhbhéil i neart, leathtromach, cruadhálach. Ar aghaidh a chéile anois in oirthear na Frainnce tá cómhachta fóirneartmhara, na milliúin fear in armáil nimhneach: teann-áidhbhéile: léidmheach. Lé hiarracht fhóirneartmhar do stiall an Ghearmáin tríd an bPólainn i gcoraidheacht agus coighcíos: lán-láidir, trom-bhuailteach. Éagcóir seadh don láidir bheith fóirneartmhar ar an lag: dian, leathtromach, neamhthrócaireach thar chuimse.

fóirneartughadh: (**foirneartughadh**) *f.* (*-uighthe*) do theannadh a's do dhaingniughadh go doscaoilte; cómhacht mhór do bronnadh (ar). Cuireadh dorn saighdiúiridhe i dtalamh ar dtúis ach ní raibh go leór chun na namhad do chosc a's cuireadh tuilleadh agus tuilleadh ghá bhfóirneartughadh: chun breis chabhartha do bheith ann. Fóirneartughadh an cuan ar chur dhá dhaingean ge n-a bhéal: deineadh níos láidre é chun ionsaidhthe do chosc. Ghá fhóirneartughadh le barracht: ag tabhairt breis nirt a's tathaga.

fóirniata: (**fóirnéata, foirniata, foirnéata**) *a. n-dh.* an-niata (néata), snasta, órnáideach, deaghchríochnuighthe. Obair fhóirniata ghréise ar an línéadach: gréis shár-dhéanta. B'fhóirniata an cailín tímcheall na cisdeann í, bhíodh gach aon rud chómh críochnamhail, socair aice: rinneadh sí a gnóth go blasta. D'oibrigh sé dealbhanna ar an bhfárdoras go fóirniata lé n-a shuiséal gur bh'iongadh leis gach aonne é: snasta, órnáideach. In a hóige rinneadh sí chómh fóirniata san go dtagadh na sluaighte ag féachtaint uirthe: chómh seólta, éascaidh, neamhlochtach san.

fóirnimhneach: (**foirnimhneach**) *a.* an-gharg, an-shearbh, ró-thinn: tinneasmhar, ró-dhochraideach. Teanga fhóirnimhneach aige nách fearrde aonne cuid di d'fhagháil maidir lé tarcuisne a's íde: ró-gharg: an-ghéar, an-ghearrtha. Aicíd fhóirnimhneach a scaip ar fuaid na háite a bhuail gach baile a's nár bh'fhéidir leis na dochtúiridhe a leigheas ná a staonadh: an-dho-chraideach, dian, marbhthach. Is amhlaidh mar tá ag Cómhachtaibh an Chogaidh fé láthair, nách fios ceaca is fóirnimhnighe ag cáineadh 'sag tromaidheacht ar a chéile: is mó olc agus droichmhéin chun a chéile. An lámh fhóirnimhneach so ná tugann sos de ló ná d'oidhche dhom ach ghom phianadh a's ghom thraochadh: gomhamhail: ró-thinneasmhar. B'é an lá fóirnimhneach do é gur marbhuigheadh a bheirt mhac: lánbhuadhartha.

foirréidh: *a.* an-réidh, comhthrom, furaiste, ar slinn, ar tuinn. Gluaisfidh sibh go mear mar tá bóthar breágh, foirréidh rómhaibh, gan árdán ná ísleán: ar nós an drísle: gan

cnapán, gan ciseach. Tagann obair ort níos foirréidhe ’ná ar aonne ar m’aithne, ní fheicim go gcuireann sí aon mhairg ort: furaiste. Leirg fhoirréidh go stadann iomad uisce uirthe: talamh tuinn.

foirtil: *a.* an-láidir, cómhachtach, cruaidh, misneamhail, foidhneach. Caithfead éirghe as, tá sé ró-mhaith dhom, nílim foirtil ar é do dhéanamh: ábalta. Níor chaith riamh fear isteach é féin i bhfarraige chómh fíochmhar léi chun duine do shaoradh ach fear foirtil: fear ceólmhar, misneamhail. Buachaill foirtil sláinteamhail go bhfuil fulang aige ar chruadhtan: cruaidh, acfuinneach. B’fhéidir go rabhas níos foirtile leó, ag síorfhulang uatha gan cur ’n-a gcoinnibh ná mar budh mhaith dhom: níos foidhnighe. Múinteóir neamhfhoirtil dob eadh é a’s briseadh é: ná raibh i ndán a chuid oibre do dhéanamh.

fóis: *b.2.* teasbach, árdghuilm. An iongadh dhóibh fóis do bheith ortha, itheam, codlam aca a’s díomhaointeas?: teasbach: éirghe anáirde.

foiscealach: *f.1.* beartán, deascán (airgead, etc.) i bhfolach: rud toirteamhail. Is do nár cheart bheith míobhuidheach duit, is iomdha foiscealach a fuairis uaidh in aisce: beart earraidhe, feóil nó comaraitidhe eile. Ní fheadar an goidighthe nó ceannuighthe aice bhí sé ach bhí foiscealach éigin fé n-a binn aice nár theastuigh uaithe go bhfeicfeadh neach: beartán toirteamhail. I dteannta itheadh sa tigh agus a tuarasdal, níl lá ná faigheann sí foiscealach éigin lé breith abhaile: comraitidhe feóil, arán, iasc, etc.

foithir: *b.5.* (*foithreach*) faill ghéar, fhéarmhar. Foithir Chinn Shraithe. Cois farraige lastuaidh de Chnoc Bhréanainn tá Foithir na Manach: faill go bhfuil úrlár thíos aice mar a maireadh na manaigh.

folach: *f.1.* clúdach, ceilt, (do) chlúdach, (do) cheilt, culaithirt. Cad fáth gabháil amach sa duibheaca gomhamhail seo gan d’fholach ort ach an t-éadach éadtrom san: de chulaithirt: de chlúdach. Ná gaibh amach gan folach éigin do chur ort ón sneachtadh: éadach taithigeach. Ní fuláir nó tá sé an-dhealbh, níl folach a bhall air: oiread éadaigh a’s chlúdóchadh é. Níl súd gan strus, tá folach na talmhan d’ainmhidhthibh aige: táinte. Cuir i bhfolach do chuid airgid nó má chídhtear é beifear ag tnúth leat: cuir as amharc é. Náireach an bheart dóibh ar an bhfear bocht an biadh d’fholach air: do chongbháil uaidh: iad féin d’itheadh an chuid is fearr de. Bíodh “dul i bhfolach” againn: cluiche leanbh mar a dtéigheann duine as amharc gan an chuid eile do bheith ghá aire agus annsan go dtéighid ar a lorg. Tair fém fholach a’s ní leigfead d’aonne baint leat: fém choimirce. Duine misneamhail a dheineas gach aonnidh gan folach: ós árd: os chómhair an tsaoghail. B’fhuraist aithint d’aonne go mbrisfeadh an droichmhianach a bhí i bhfolach ann amach lá éigin: i ngan fhios. Tá a thuilleadh i bhfolach ann (olc nó maith): nár theasbáin sé: nár chuir in iúil. Clóca an folach a bhíodh ar na mnáibh sa tseanaimsir: an clúdach cinn a’s gualann. Riamh ní raibh sé gan airgead, bíonn beagáinín éigin i bhfolach i gcómhnaidhe aige: curtha i dtaisce. Creid me leis go bhfuil tréithe folaigh sa bhuachaill sin a’s go dtabharfaidh uaidh fós é: ná tháinig amach go fóill. Budh cheart duit folach fés na cártaidhibh nó chídhfear iad: an taobh “breac” do choimeád fé go maith. “Is sibh-se solas an domhain, ní féidir cathair atá ar n-a suidhiughadh ar shliabh d’fholach” (Matha V. 14): do cheilt: do chongbháil as radharc. Ní dual do folach b’fhearr gan fios ár rúin do bheith

aige: clutharughadh scéil. An ródh folaigh a bhí gen mbitheamhnach scairt fé thalamh i bhfoithir: áit cheilte: poll seachanta. Nuair bhíodar ar a dteicheadh budh dheacair teacht suas leó ná fios ortha d'fhagháil mar bhíodh an ceanntar ghá bhfolach ar an namhad: ghá scáthadh: ghá gcosaint ar dhíoghbháil do dhéanamh dóibh nó ar bhráigheanna do dhéanamh díobh. Folach maith ar drochaimsir an gleann so: áit ná buaileann sí ann. "Folach an chait ar a thuar" agat é: d'iarraidh rud do cheilt a's gur b'amhlaidh is measa dá dheascaibh é: dá ngoidtí rud a's go gciurtí a chosamhlacht d'earra budh shuaraighe 'n-a ionad. Eatartha féin atá sé – fear folaigh a's fear foillse: duine a bhíos ar a dhícheall d'iarraidh a choda do chongbháil go cúthail ó chaoraidheacht na ndaoine a's an té a bhíos ag maoidheamh as a shuarachas: cníopaire a's bladhgaire.

folachadh: *f.* (*-achta*) (do) chlúdach, (do) cheilt, tlácht, clóca. Cá maith bheith ag folachadh na drochnuadhachta uait chloisfeá uair éigin é: ghá cheilt: ghá chongbháil go cúramach. "Aithnighim", ars an breitheamh, "go bhfuiltear ag folachadh na fírinne d'iarraidh duine éigin go bhfuil baint aige leis an gcoir seo do scáthadh": ghá ceilt: ghá séanadh. Folachadh beag cré is gábhadh do choirce ná bac ró-dhoimhin é: clúdach éadtrom. Cá bhfuil an folachadh cos ná beadh fuacht ort: cosaint: bróga maithe. An folachadh a bhíodh ar a n-aghaidh ag mnáibh d'imthigh sé as nós: tlacht: scáth síoda fíneálta. Dá mbrisinn mo chroidhe ní fhéadfainn me féin d'fholachadh in aon áit uaidh: bíonn sé do shíor im dhiaidh. Ní bhíonn call lé folachadh na fírinne: is córa í d'innsint. Ar feadh dhá bhliadhan bhí sé i ndúthaigh a namhad 'n-a spiaire ghá folachadh féin mar dhuine den dtír: ag leigeant air go cleasach a's ag éirghe leis.

folachán: *f.1.* rud éigin i ngan fhios in áit éigin: clúdóg. Ní chreidfinn ón saoghal ná go bhfuil folachán aige, cá bhfaigheann sé an t-airgead ar fad a's gan aon déanamh follus aige: airgead i "bpoll bradach". An uaimh úd isteach 'on bhfaill folachán ar sheódh an domhain é chun raice do chur fé cheilt ann: áit dhiscréideach.

folachas: *f.1.* ceilt, rud fé cheilt. A ghnóth san ní heól d'aonne, folachas a leas-ainm: do choimeád a aigne aige féin. Ciapuighthe, cráidhte de ló gan codladh d'oidhche ag déanamh folachais ar mo choir: d'iarraidh í do chongbháil ó eolas na ndaoine. Cá bhfuil an call le folachas nách é ár gcuid féin é?: an gábhadh lé n-a choimeád ó shúilibh chách.

folaidheacht: *b.3.* fíorfhuil: fuil uasal: uaisleacht: síolradh neamhthruaillighthe, geinealach, cóimhthreabh. Ní raibh neach dá chuid folaidheachta i láthair a adhlactha, idir athair, mháthair a's ghaol shéanadar é: dá aicme fola: a ghaolta a's a chómhfhoguis. Capall folaidheachta a's teasbáineann sé é, níl rás ná buadhann sé: go bhfuil glan ann: gur togadh a shinnsear lé n-a bhfeabhas i gcóir síolraidh. Chuir an leathfholaidheacht an scian go fuirc i ndrom an fhir eile. Fear go raibh fuil mar, cuir i gcás, fhear gorm a's bean bhán. Dá méid an tarcuisne do thug an ghraimrisc do Pheáirneil an lán san, smiog ní dubhairt 'n-a chúiteamh; ar an gcuma san d'fhoillsigh an fholaidheacht a bhí ann: an fhuil uasal, an tabhairt suas agus an béascnaidh. Aithriseóchad duit anois mo chuid folaidheachta siar siar, m'athair a's mo mháthair a's a dtáinig rómpa leis na ciantaibh: mo gheinealach. Ba folaidheachta a bhíos aige: ba gur toghadh tarbhaidhe agus máithreacha maithe rómpa lé ciantaibh. Dá mbeadh folaidheacht ionta ní bhuailfeá seanóir: an braon ceart, glan.

foláir: (**fuláir**) *mar ráidhtear* is gábhadh, ní mór, budh cheart, budh chuibhe, is éigean, d'fhonn etc. An té ná fuil láidir ní foláir do bheith glic: ní mór do: is éigean do d'fhonn go n-éirigheadh leis an bheart atá roimis do chur chun críche. Ní foláir dom éirghe ar a seacht ar a luighead, óir ní foláir dom bheith ag obair ar a hocht: ní mór dom...óir tá orm bheith, etc. Níor bh'fholáir do dhuine mórchuid airgid chun tighe anois ó tá gach adhbhar tógála chómh daor san: bheadh ar dhuine é do bheith aige. "Deirim leat airís agus airís eile ná fuil sé ann" – "ní foláir nó tá, ó chiainibh do chonnac é": dar ndóigh chaithfeadh sé bheith ann, connus d'fhéadfadh bheith in aon áit. Ní foláir duit bheith ann leath-uair an chluig roim ré, ní foláir liom nó beir: budh chóir duit...dar liom gur chóir duit etc. Beidh an áit ar fad aige, ní foláir liom, ar an bhfuadar atá fé: dar liom-sa ar bhreithniughadh imtheachta dhom. Ní foláir suidhe, táimid cortha: is cuibhe dhúinn. An fear nách foláir don obair tá againn anois go cruinn: atá riachtanach. Dein é sin anois ar shlighe nách foláir a's ná bítear ghod lochtughadh: ar an gcuma chuibhe. An foláir duit a fhiafruighe cé tá ann? budh chóir go mbeadh a fhios agat: an gábhadh dhuit? Níor bh'fholáir leis bualadh isteach chughainn nuair bhíodh ag gabháil thar brághaid: níor dhochma leis: ní chuirfeadh sé aon dochma air. Ní foláir duit é do shásamh lé hairgead sara gcorruighidh a chos: sin rud do caithfear. Ar dhul i dtreis do liom, is annsan nách foláir go bhfeicfidh sé cad é an neart atá ionam: ná fuil aon amhras ná go bhfeicfidh: níl faic chun a chosctha. Tá atharrughadh aimsire air (as chómharthaidhibh áirighthe), ní foláir liom: chuirfeadh sé iongadh an-mhór orm mara bhfuil.

folaire: *f.4.* suarachán, cníopaire, oiread an frighe d'aon rud. Folaire gadhair atá ithte ag an gclamh a's gan oiread fóid mhóna ann: suaracháinín. Súil lé luach mór ar na folairidhe ubh san, a's gan toirt chinn m'órdóige ionta!: meathalóiridhe: ruidínidhe bíognacha. Níl ionat ach folaire (fill), faid mo shilidh ní bheadh iontaoibh agam asat: ruidín suarach fealltach. (fic '**piollaire**')

foláireamh: *f.1.* fógra, fógairt. Ní hé, dá mbeadh ciall circe agam, ná gur minic do fuaireas foláireamh me féin do sheachaint ar fhuacht, ach ní dhéanfadh san dom é gan gabháil amach gan folachadh ceart: fógra: chuir an aimsir in iúil dom do bheith seachantach. Seo foláireamh anois duit, má bheirim tímcheall an tighe seo airís ort, ná raghaidh leat: fógairt: cur in iúil duit gan dearmad.

folamh: (**follamh**) *a.* gan faic (ann), bán, gan bheith gabhtha, lom, gan éifeacht, gan eólas nó cáilidheacht eile: gan ualach, gan biadh, gan dearbhacht, gan bheith i ndán, sásta, gan toradh. "Baileóchad airgead dá mbeadh orm an domhan do thaisteal, cuirfead 'on bhannc é, tógfad tigh áluinn, ceannóchad tighthe a's bead ar mo thoil" – "focail mhóra a's mogaill fholamha": cochaill nó crotail gan bhiadh: faic ní thiocfaidh de bharr do bhladhmain. An soitheach folamh is mó torann": an rud ná bíonn aonnidh ann is mó glór: an ceann cipín is mó glór. Dé bheatha-sa a's rud agat, ní tháinighís riamh folamh: gan comaraithidhe, bronntanas nó foillse éigin. Léan uirthe leitir fholamh seadh í a's leitir bhagarthach leis, nuair bhí súil lé rud éigin cóir agam: gan airgead ná a chómh. Tréis mo lae ar an abhainn ó n-a foinnse go dtí n-a béal thána folamh gan aon bhreac amháin éisc. Fágfaidh, mar fhág ag cuid mhór rómhat, an dlighe a's an caibideal pócaidhe folamha agat: déanfaidh dealbh amach thu. An pléascán a leigeadh ar an luing chogaidh dhearbhuigh na Gearmánaigh go ndeachaidh sé i luighe gaibhte, dearbhuigheann na

Sasanaigh go ndeachaidh sé folamh: gur chonnsuigh sé: gur theip air a thriall do shroichstint. Crainn, agus sin iad na crainn fholamha: gan toradh ortha. Bíodh an suidheachán so agat, níl aonne lé bheith ann ná níl sé in áirighthe, tá folamh: neach ghá ghabháil. Sé an tigh fuar folamh é gan greim bídh ná teine: gan faic gur thairbhe don duine é. Ar chúl na dtighthe, bhíodh latrach fhairsing fholamh mar a mbímis ag súgradh a's sinn óg: leirg thalmhan ná raibh tógáil ná itheadh uirthe. "Mara mbeidh aon ualach agat an dtabharfá síob dom?" – "táim ag gluaiseacht folamh, bí istigh": gan ualach ná iomard. Is mór mar atharruigh an saoghal, an tuath folamh ó dhaoinibh: gan neach uirthe. Sa doircheacht thug sé coiscéim fholamh, a's tógadh leis ar bhior a chinn síos i ndíg: ní raibh talamh slán roim a thruslóig. Is deacair oibriughadh ar bholg fholamh: bolg gan biadh. Ní foláir liom nó is cainnt fholamh í sin, mar ná feictear dom connus na geallamhna go léir do choimhlíonadh: gan dáiríre. "Acht ar mbreith ar dhóibh-sean do bhuaileadar agus do leigeadar uatha folamh é" (Marc XII. 3): scriosta. Deineann a ucht glór folamh nuair chasachtuigheann sé: chloisfeá an glór ag fothrom ó thaobh taobh. Snáthad fholamh gan snáithín sa chródh. Iascairidhe folamha: gan seilg. Theasbáin a lámha dhom agus iad folamh: gan faic ionta. Mo thruagh lém chroidhe gan rómhat ach fallaidhe fuara, folamha: gan neach id theach. Táid ag maoidheamh go mbeidh an Ghearmáin 'n-a tír folamh aca sara stadaid di: dealbh ó dhaoinibh a's ó bhiadh a's ó mhaoin. Is folamh liom an gheallamhaint atá tugtha agat, níl urra agam ort, agus ní go toilteanach a thugais í: geallamhaint ann as: neamhdhílis: neamhchrotamhail. Buille folamh do thug sé fúm, níor chaith sé aimsir lé me d'aimsiughadh: a chuaidh ar fán. B'fholamh a croidhe dom: ní raibh cion aice orm. An rud sprionnlaithe, é féin 'sa chroidhe folamh: gan teacht aniar, gan carthanacht ná féile. Bíonn giolcach folamh istigh innte: cuas innte. Léan id cheann folamh is ann ná fuil an éifeacht. "Agus na seacht mba dtanaidhe ngránda a tháinig aníos 'n-a ndiaidh is seacht mbliadhna agus na seacht ndiasa folmha caochta ón ngaoith anoir budh seacht mbliadhna gorta iad" (Gen. XLI. 27): neamhthortamhail. "Agus do thógadar leó é agus do theilgeadar i bpoll é, agus [do bhí] an poll folamh agus ní raibh aon uisce ann": faic ach aer ann.

folamhail: *a.* fuilteach, lán d'fhuil, fíochmhar go bhfuil uasail: deaghbhéasach. Dá mbeadh sé níos folamhla 'ná mar is dóigh leis múinfí béasa annso fós do: dá mhéid meas aige ar a bhunaidh agus a theagasc. Is folamhail atá Sasana agus an Ghearmáin chun a chéile fé láthair go bhfuilid tiomnuighthe gan scur dá chéile go mbeidh taobh éigin bánuighthe: fonn dorta fola ortha. Nuair beireadh air bhí a lámha folamhail ón gcoir: fuil smeartha ortha. Ar an gcuma sheólta, éadtrom a's na cnámha seanga atá fúithe is follus gur láir fholamhail í: láir go bhfuil fuil ghlan, uasal innte. Fear folamhail gach aon órdlach de: fear go bhfuil fíormhianach ann agus cur leis.

folamhas: *f.1.* fíordhealbhacht (-dhealbhas): cómhas: cuasacht: gan faic (ann). An folamhas go léir atá im chroidhe ó cailleadh mo chéad searc, uaigneas a's brón mar a mbeadh gáir a's meidhir: gan aon rud ann ach cathughadh. Mo ghradhain do cheann, sé ceann an fholamhais é: aineólach. Tógfaidh sé cuid mhaith folamhas an tsoithigh seo do líonadh: an méid ná fuil faic ann. Folamhas do gheallamhna ná taithnigheann liom: ceal a cóimhlíonta. Gheobhadh folamhas an tighe ó bhiadh go croidhe tríot, gan aon screatal lé n-itheadh aca: easbhaidh ar fad, ar fad.

fola-thachtadh: *f.1.* múchadh na hanáile le greim a's fáscadh do bhreith ar an scórnaigh. Rug na madraidhe ar mhuineál ar a chéile, agus mo lagar is iad a thug an fola-thachtadh dá chéile: greim scórnaighe, crochadh agus tuargaint. Tá do bhóna ró-chumhang duit gheóbhair fola-thachtadh uaidh: fáscadh scórnaighe go mbeadh na féitheanna ag at lé teannadh. Dhéanfadh sé maith na cruinne don ngaige sin fola-thachtadh do thabhairt do: breith ar mhuineál air agus é do chrothadh ó thalamh. Is truagh an té a crochtar is é gheibheas an fola-thachtadh uathbhásach: múchadh agus stad anáile.

fola-thachtaim: *b.a.* múchaim nó coiscim an anál lé fáscadh na diúiche. Ná tacht ar fad, ar fad é ach fola-thacht é: tabhair an oiread san tachta dho go mbeidh an fhuil ag borradh na bhféitheann aige. Is minic do fola-thachtadh me a's me óg i dtaobh na bhfeádhann fiadhain a bhíodh fúm: do rugadh ar mhuineál orm a's crothadh go maith me.

folc: *b.2.* duartan, mórbháisteach, tuile. Ghoil sí na folcaidhe le huabhar nuair áirigheadh amach a beartha dhi sa chúirt: tuilte deór léi. Dhein sé folc trom airéir ní foláir liom, tá na haibhnte ag scéitheachtaint: duartan báistighe. Gheóbhfá folc ón bpoitigéaraidhe le haghaidh dóghaidh a dhéanfadh faoiseamh mór do: leigheas ionnlait: uisce leighis.

folcadh: *f.1.* nighe trí thumadh, fothragadh, tonachadh, tonachán, taisriughadh, tumadh, bogadh (in uisce), fliuchra, fliuchán, aon rud a bogtar in uisce. Goile capaill aige, agus d'íosfadh aon rud fiú amháin an folcadh te: an snáthach lín iar n-a bheirbhiughadh in uisce fiuchaidh tréis a bheith ar bogadh: dá theódhacht do bheadh rud d'íosfadh sé é lé hairc. Ar an gcuma gcéadna deirtear ghoidfeadh sé an folcadh te .i. raghadh sé i dtreis aon ruda do bhreith leis trí ghadaidheacht. Fuair sí fuacht trom as fholcadh a cinn mar nár thriomuigh sí 'n-a cheart é: as a nighe. Fuacht failce chughat (drochghuidhe): fuacht as tu féin d'ionnladh (deirtear gurb é an fuacht is measa é). Ghom fholcadh féin in uisce te: ghom nighe féin ó bhonn bathas. Fuairis folcadh maith ón gcith sin: nigh sí go binn thu. Oiread agus folcadh mo bheól ní bhfuaireas d'uisce ná de bhainne: oiread agus thaisreóchadh iad. Do shíor ag folcadh deór trí chumha: ag sileadh go trom.

folcaim: *b.a. 7 n-a.* nighim, tumaim, glanaim trí nighe, cuirim ar bogadh. Folc go maith do chosa san uisce te sin go n-imthighid an salachar díobh: cuir ann iad, bog ann iad agus nigh. Ní fholcfadh sé a cheann sa tsáile ar eagla fuachta: ní thúmfadh. Ón lá do folcadh tu, agus is iomdha bliadhain ó shoin, ní rabhais chómh maith agus taoi anois: ó baisteadh thu. Do folcadh é i dtobar na naoi mbéithe: do niamhghlanadh é i dtobar naonbhar bandéithe, clann Séis, éarlaimh na n-ealadhan – filidheacht, ceól, stair, etc. .i. tá féith na filidheachta ann dá bharr san. Rugadar dá aindeóin air, a's sháthadar dhá uair, trí huaire, fén uisce é go bhfuair folcadh uatha: tumadh maith.

folcanta: *a. n-dh.* fíochmhar, madaramhail, antréan. An taoide fholcanta ag éirghe 'n-a bréitsidhibh farraige a's ag briseadh go trom: madaramhail: fíochmhar. Ag rámhaidheacht go folcanta i rith na hoidhche in aghaidh gaoithe a's taoide d'iarraidh talmhan do shroicheamhaint: go teann-láidir: gan lag, gan eagla. Sheasaimh sé a thriail go folcanta cé go raibh a fhios aige go raibh an iomad 'n-a aghaidh: go neamh-eaglach, teann.

folláin: *a.* sláinteamhail, slán, ar fóghnamh, maith, iomlán. Biadh folláin iasc úr maith: go maith don sláinte. Níl an fheóil sin folláin, chuaidh sí rófhada gan salann, tá blas cabhruighthe uirthe: tá sí ag dreódh: tá máchail uirthe. B'fholláin (Dé) dhom an doras do bheith chómh geairrid dom, neachtreaca bhéarfadh an teine i ndraip orm a's déan loiscreán díom ar nós na coda eile: budh ró-mhaith an mhaise dhom: budh mhaith an bhail orm etc. Bheadh thiar air mara mbeadh a chuid airgid 's an dlighe, is folláin do é do bheith aige: is é an taca is fearr aige é. Áit an-mhío-fholláin é seo, poll gránda múchta thíos i ngleann, ní hiongadh liom ná maireann aonne ann: míoshláinteamhail. Sláinte an bhradáin chughat, croidhe folláin agus gob fliuch: croidhe gan máchail, galar ná aicíd. Ubhla mío-fholláine lé n-itheadh iad san, tá fochaill ionta: gan bheith go maith don sláinte. Gach aon bhall 'n-a chorp chómh folláin lé hiarann: neamhmáchaileach, teann, do-chaithte, sláinteamhail. B'fholláine leis fanamhaint ag baile 'ná dul ag troid ar son a dhúthaighe: budh shábhálta. Miúil mhalluighthe nách folláin d'aonne bheith i dtreó a deiridh, tá speach nimhneach aice: ró-chonntabharthach. Go bhfillir go slán, folláin ód thurus, mo ghuidhe-se dhuit: i sláinte gan máchail ort. Adhmad ná raibh folláin dob eadh é ar a giorracht do sheasaimh sé: ní raibh gan máchail éigin do bheith air nó neambuaine. "Agus adubhairt seisean leis, do dhearbhráthair-se tháinig, agus do mhairbh t'athair an laogh biadhta dho ar son go bhfuair sé slán, folláin airís é" (Lúcás XV. 27): gan mhaisle, gan díth. Seadh, is cuma cé heitightear nó ná heitightear is folláin do dhaoine go bhfuil an cáirde ann: gan an cáirde b'aindeis do bheadh ag cuid mhór des na daoinibh. Chómh folláin lé bradán.

folláine: *b.4.* sláinteamhlacht, iomláine, sláine, sláineacht. Réidhtigheann folláine na háite leis, is aoibhinn leis do bheith ann, mar is ann is fearr do bhrathann sé: claon lé maitheas sláinte. Folláine an fhir, d'fhoidhneóchadh sé aon iomard a cuirfí air: aiste mhaith shláinte agus nirt a's fulang cuirp. Seasóchaidh an t-iasc san tamall maith gan salann lé n-a fholláine: é do bheith air ná fuil claon le dreódh de dhruim a fheabhasa. Lé folláine na cloiche níor bh'fhéidir í do bhriseadh gan púdar: gan éasc ná máchail innte.

follamhnas: *f.1.* tighearnas, ughdarás, ceannas, réim. Cad é an cnáimhseán atá air ní feictear domh-sa follamhnas ag aonne air, ach ar a thoil féin: réim, cómhacht, ughdarás. Níl rud ar bith ná go bhfuil follamhnas ge Dia na n-uile chómhacht air, is féidir leis a mhilleadh nó a leigheas: réim, tighearnas, neart a rogha rud do dhéanamh leis. Níl follamhnas ar aonnidh agam-sa annso, níl ionam ach cléireach úiríseal: ughdarás. Bhuail an Ghearmáin isteach 'on Danmharg a's i ngiorracht aimsire, gan troid, bhíodar i bhfollamhnas na tíre: i gceannas: cómhacht aca uirthe. Admhuighid Caitliocaidhthe follamhnas Phápa na Róimhe .i. is aoirde i gcómhacht, i gcéim a's in oirdhearcas.

follas: *a.* léir, soiléir, sothuigse, glan. Is follas as an méid atá ráidhte, agus is mórchuid é, in aghaidh an íoca go bhfuil sé ró-throm ar dhaoine: léir: lé tuigsint a's lé feicsint ag cách. D'agras mo chás leis chómh follas a's b'fhéidir liom é, d'innseas do tríd síos cá raibh an tinneas orm, an fhaid, agus an chúis a bhí leis, dar liom: chómh so-thuigse. Dá mbeadh aon chómhartha talmhan follas dúinn san gcéad ní raghaimís amugha: in amharc. Lé breacarnach an lae díreach bhí rian cos go follas ar an ngainimh: lé feicsint. Mochóirighe maith é, bíonn sé 'n-a shuidhe sara mbíonn an lá follas: le breithniughadh. B'fhollas d'aonne ach don amadán a phós í go raibh sí n-a mnaoi thruim: thug cách fé ndeara san.

Fuaireas radharc follas ar an gcath ó mhullach an chnuic: radharc gan bac. Cad é an t-áiteamh atá ort im choinnibh, nár labhair sé i bhfollas dom: im radharc agus im éisteacht. Dá mb'fhollas dom gur theastuigh an dochtúir uaidh do dhíolfainn as do: dá dtuigtí dhom 'n-a cheart é. Rud éigin neamh-fhollas atá ann ní fhéadaim a dhéanamh amach cad é: ná taidhbhsigheann aon chrot air a chuirfeadh rud áirighthe im aigne. Ní follas connus raghaidh an cogadh so: níl aon chómharthaidhe léir cé go mbeidh an buaidh aige.

follasach: *a.* léir, soiléasta, glan-radharcach. Dá mbeadh an spéir follasach, chídhfeá na hoileáin as so, ach an ceódh so: glan, glé. Is follasaighe go mór a thiocfaidh an teanga ort tréis tamaill dá taithighe: thaidhbhseóchaidh sí níos furaiste d'fhoghluim. As an méid a dubharthas im choinnibh b'fhollasach dom ná raibh aon chion amugha eadrainn agus gur bh'fhearr dhom fágaint: a shothuigse sin nár bh'fhéidir bheith i ndearmhad 'n-a thaobh.

follasacht: *b.3.* léire, soiléastacht, glan-radhairce. Pioc náire thríd ní raibh ar an rud bréan a lithéid de ghníomh ghránda do dhéanamh i bhfollasacht don saoghal mór: os chómhair gach aonne. Budh dheacair faic d'fheicsint, mar ná raibh aon fhollasacht sa spéir gen gceódh: glaine, gléineacht. B'fhuraiste foghluim uaidh a's a fhollasacht a mínigheadh sé dhúinn: léire: soiléastacht.

folmhach: *a.* i ndán ruda d'fholmhughadh, gan faic d'fhágaint, gan faic ann. Thug an dochtúir puragóid fholmhach do, mar bhí sé an-chruaidh 'n-a chliabhlach: go raibh de bheith uirthe é do ghlanadh laistigh. Cuanta folmhacha an iarthair ó theip an t-iasc: gan bád ná seól lé feicsint ionta.

folmhach: *f.1.* áit gan faic ann; mannta, beárna. Cuir móin san bhfolmhach san, ná bíodh sé ag imtheacht bán mar sin: san oscailt. Ó baineadh an dorn fiacal san asat, tá folmhach gránda id bhéal: mannta neamhdheas. Ól an t-ocras go léir a's an folmhach im ghoile: réadh fairsing gan faic.

folmhacht: *b.3.* gan faic, ceal, easbhaidh. Ní lé haon fholmhacht ar a goile théigheann an bhó thar claidhe ach lé bradaidheacht: ceal, easbhaidh. Folmhacht an sparáin atá ag teacht leis a's ní sprionnlaitheacht: croidhe dá mbeadh cur leis.

folmhughadh: (**follmhughadh, follamhughadh**) *f.* (*-uighthe*) do sheadadh, congabháil nó inmhe aon ruda do chur as; (do) scaoileadh; glanadh, scriosadh. Ag folmhughadh long ar gach last dá mbeiridís thar lear: ag tógaint na last asta. "Slán festa chun na háite úd mar a bhfolmhuighid na háthraighe ón gceargó théigheann tar sáile gan custam air ná díol: mar a mbaintear an lasta asta. Nuair bhíonn duartan mór báistighe ann deirtear, "nách é an folmhughadh gen spéir é": an cur a mbíonn d'uisce innte aiste. Um an am gur shroicheas an baile mór go déidheannach sa tráthnóna ní mór na daoine a bhí ann, bhí sé ag folmhughadh: na daoine ghá fhágaint. Lé deich mbliadhnaibh anuas tá folmhughadh mór dulta ar na daoinibh fén dtuaith, ní thabharfá a leath fé ndeara: dísc: ísliughadh ar a líon. Folmhughadh mór ar thigh seadh droichbhliadhain phrátaidhe: costas mór: dochair a malairt d'fhagháil. Folmhughadh ar bith níl ag dul ar an gcneadh, othar innte: trághadh.

folmhuighim: (**follmhuighim, follamhuighim**) *b.a. 7 n-a.* trághaim, díscim, doirtim, díoualuighim. Folmhuigh t'aigne, cad tá ar maoith agat? innis dúinn cad tá agat lé rádh. D'fholmhuigheadar an trucaill, ní fhéadfadh an capall an t-ualach do tharrac: chaitheadar aiste a raibh innte. An t-amadán, d'fholmhuigh sé a phócaidhe sar ar stad sé de chaitheamh: níor fhág cianóg ionta. Folmhuigheadh an bórd sar ar héirigheadh uaidh. Folmhuigheadh an baile nuair bhítheas ghá chur i dtreo chosanta ar an namhaid: d'fhág na daoine nár shaighdiúiridhe.

folmhuighthe: (**follmhuighthe, follamhuighthe**) *a.r.* seadta, doirtighthe, taoscuighthe, tráighte, taomtha. Sar a raibh na saighdiúiridhe folmhuighthe as an luing tháinig an namhaid uirthe: curtha aiste. Mo phóca folmhuighthe ó bheith ag cur geall, gach rás caillte agam: scriosta. Tá an cuan folmhuighthe d'iasc ges na trollairidhibh: scriosta. Fear éithigh é sin, ní bheadh a mhála folmhuighthe choidhche aige de scéaltaibh: gan ceann ann.

folracht: *b.3.* fuil théachtuighthe. Do bhailigh an fhuil a's cheangail sa ghruaig gur dhein folracht di a's gur dheacair an chneadh d'fhagháil: gur chruadhaidh ar nós geirbe.

folt: *f.1.* gruaig an chinn. Rugadar ar fholt a chéile mar bheadh dhá mhadra: chuadar i gcochall a chéile. Bhí a folta léi ag tuiteam go feór, go cocánach, ómrach buidhe: baclaidhe gruaige. "Acht fós tá folt bhur gcinn-se uile ar n-a chómhaireamh. Ar an adhbhar san, ná bíodh eagla oraibh; is fearr(a) sibh-se ná mórán gealbhan" (Lúcás XII. 7): ruibidhe éagsamhla na gruaige. B'fhearr léi maol ar fad é 'ná folt bréige d'fheicsint air: brat gruaige nách dá chuid féin. Ná séan ná go bhfuilir ag dul in aois, sin é t'fholt ag liathadh. [Folt an focal is uaisle ar chlúmh chinn an duine].

foltach: *a.* clúmhach, stothach. Pé aois atá aige tá sé foltach a dhóthain ach go háirighthe: lán de ghruaig a's de chlúmh. Móin fholtach go mbíonn stuaic nó féar uirthe.

foluaimneach: *a.* mear, an-thapaidh, léimneach, sceinnteach, bocléimreach. Éan foluaimneach seadh an fháinleóg: mear ag eiteall. Capall foluaimneach do threabhadh é, níl sé stuidéardha a dhóthain: suaidhte, corr-thónach. Dá haois, bean fholuaimneach go maith seadh í, ar séirse ar feadh an lae ag gabháil de rud éigin gan sos leathnóiminte: ceólmhar: bríoghmhar. Ní mór an mhoill air seo smut de bhóthar do chur de, tá sé foluaimneach ar a chois: lúthmhar, beódha. Cailín ró-fholuaimneach don seanduine lé n-a pósadh: neamhstuidéardha: neamhshocair.

foluighthe: *a.r.* fé cheilt, ceilte, i ngan fhios. Ar feadh trí bliadhna bhíodar pósta go foluighthe gan tuairm ag neach 'n-a dtaobh: go deiscréideach. Ní heólach dom aonne riamh a fuair nead cúirliúin, in áit fholuighthe do dheineann sé í: iargcúlta: gur deacair a fhagháil. An t-aindeiseóir bog, mórchroidheach sé ná bíonn foluighthe tímcheall a chuid airgid, chídheann an saoghal mór aige é: ná bíonn ghá choimeád fé cheilt. Bhíodh sé ráidhte, má b'fhíor é go bhfuil slighe fholuighthe ón gcaisleán san amach fén dtalamh: slighe fé thalamh ná fuil lé feicsint a's nách eól do mhórán. "Foillsigheann aithriseach scéal nidhthe foluightheacha, ach an té ag a mbí spioraid fhírinneach ceileann sé an t-adhbhar" (Seanráidhte XI. 13): rudaidhe a coimeádtar d'aon ghnóth 'n-a rún. Áit

fholuighthe aige in uaimh faille nár bh'fhuraiste d'fhagháil: go rabhthas ghá clúdach a's ghá ceilt d'aon toisc go haireach.

foluightheóir: *f.3.* duine a chlúduigheas nó choingbhigheas rud as amharc nó ó eólas. Ní maith an foluightheóir ar do ghníomharthaibh thu, ní léire dhuit féin iad 'ná don saoghal mór: clúduightheóir: ceilteóir. Amhras air bhí go dearbhtha, ach foluightheóir cliste ar bheartaibh dob eadh é agus chuaidh des na daoinibh a dheimhniughadh go raibh baint ar bith aige leis an gcoir: duine cliste nár fhág aon chaighdeán daortha 'n-a dhiaidh.

fo-mhaor: *f.1.* maor fé bhun maoir: athmháighistir. Níor bh'iad na maoir ar fad a chlipfeadh thu lé n-a gcuid órduighthe ach na bleácaigh fo-mhaor gur dhóigh leat go dtuitfeadh an t-aer is an talamh ar a chéile.

fonasc: *f.1. 7 3.* obair áiseamhail. Is iomdha lá go raibh aon chabhair ná cóngamh ionam-sa, fairír, mar is fada ó fhonasc me 'ná me ábalta air: i ndán aon ruda gur mhaitheas é do dhéanamh. Fág fé siúd aon rud go mbeadh tábhacht ag baint leis do dhéanamh, is é go bhfuil an fonasc ann é: adhar a ghnótha.

fonn: *f.1.* mian, teadh, aoibhneas, éileamh, caitheamh i ndiaidh, dúil, miangas, guilm. Is eagal liom ná fuil sé ar fóghnamh, ní bhrathaim aon fhonn in ao'chor air: gan aon chorruighe spiride ann. Mairbhitidheacht, cuid mhaith orm indiugh, a's gan aon fhonn sa tsaoghal orm: manaoiseach, neamhshuimeamhail. Ní mó 'ná a fhonn a bhí orm labhairt leis, mar ná taithnigheann sé liom ná me leis: ní raibh ach a rádh gur bhrughas orm féin labhairt. "Fonn a néann fiadhach": má bhíonn mian ge duine chun ruda do dhéanamh nó a ghnóthughadh mórchuid den mbeart seadh é, a's an té ná bíonn san air is deacair faic do dhéanamh choidhche nó má néann ní go slachtmhar ná go cóir é. Caithimís uainn an ceól, nílim i bhfonn aoibhneasa anocht, brathaim an-mhío-shásta: níl san de ghnaoi orm: ní mian liom greann ná caitheamh aimsire. An fonn céadna a bhí ortha chun a chéile ná bí ag lochtughadh ná ag moladh duine aca thar an nduine: cómhfhonn a bhí ortha: mian dhuine aca chómh láidir le mian duine eile. Aonach marbh b'eadh é, cé go raibh luach cuibheasach maith ag imtheacht, ar chuma éigin ní raibh an fonn san ar fad ar cheannuightheóiridhibh: anam ionta chun bheith ag ceannach tapaidh. D'fhonn ná beadh aon amhras air, toisc na droichtheiste a bhí amuigh air, tháinig sé dá dheóintibh féin agus thug cunntas 'n-a imtheachtaibh ar uain na cortha: ionnas: i slighe agus etc. D'fhonn a's ná beadh aon chead cainnte ná slighe cáinte aca orm moch, déidheannach bhinn ar mo dhícheall bheith go han-chúramach: i slighe is etc. Tháinig sé go moch d'fhonn a's go mbeadh áit chomhthromamhail sa chúirt aige: lé hinntin. Ghlac fonn me dul ann nuair chonnac furmhór an cheanntair ag imtheacht: dúil: mian. Dá mbeadh fonn gnótha ort ní hid shliasta ar leabaidh do bheifeá um eadarshuth déidheannach: mian ruda do dhéanamh agus é do dhéanamh go maith. "Is maith an fear oibre an fonn": an té go mbíonn an mian ceart air déanfaidh sé a chuid cúraim. An fheóil d'itheas bhí sí ró-mhéith, ró-mhútamhail a's tá fonn úirlicidhe orm aice: bog-inntin: ar tí curtha amach dem aindeóin. Fé láthair tá fonn fola ar thíorthaibh an chogaidh: dúil aca scrios fear do dhéanamh ar a chéile. Nuair chídhim duine ag déanamh ruda lé fonn cuireann sé aoibhneas ar mo chroidhe: dúchracht a's mian aige. Is mór go léir an fonn ban atá ar an scolóig seanduine baintreabhaighe sin go bhfuil fiche cailín óg iarrtha i bpósadh aige: mian, caitheamh mór i ndiaidh ban:

leagadh mór aigne lé. B'fhonn lém chroidhe seal do chaitheamh id chuideachtain shubháilcigh, mar is sochma an duine thu: b'aoibhinn liom: bheadh m'aigne go mór a's go hiarratach leis. Dá thagairt ná fuil in ao'chor feabhasa air nuair ná fuil puinn fonn éirighthe: é d'éileamh aige air. Tuig i gceart me agus ná bíodh aon mhearbhall ort 'n-a thaobh is fonn liom tu ar gach cuma go maidean (gheal): is mór é mo chion ort agus an leagadh a's an bháidh aigne atá agam leat. An té gur bh'fonn leat maitheas do dhéanamh air ná tabharfá fuil do chroidhe dho: go mbeadh éileamh ag t'aigne a's ag t'inntin air. B'fhonn leó a chéile i gcómhnaidhe, dlúthcháirde dob eadh iad: bhíodar an-cheanamhail ar a chéile. Ar bh'fhonn leat suidhe chun rud do chaitheamh?: an mbeadh t'aigne go mór leis: an mbeadh mian agat é. Sé fonn a bhí orm dul go Corcaigh, ach theip an oíle orm: sin é a bhí fúm do dhéanamh. Is beag dá fhonn orm-sa dul annsan duit in aghaidh mo thola agus is dóichighe gur lugha 'ná san d'fhonn bheidh orm feasta ó taoi chómh fógarthach: níl aon mhian, ná fiú amháin cuimhneamh, agam air agus caith as do cheann as so amach go mbeidh aon éileamh agam air ach an oiread. Dá aosta é níl aon fhonn báis fós air: éileamh: ní toil leis an bás dá fhiosrughadh. Daoine díomhaoine, teasbamhla, deaghbheathach go mbíonn fonn na fola ortha: fóis an ainmhidhe, gan aon tsrian aca lé n-a miantaibh. D'imthigh sé go mear lé fonn: i ndáiríribh. Éirigh as, a's tairng rud éigin eile ort féin mar ná fuil fuinneamh ná fonn ort chuige seo: níl an t-anam ionat ná an aigne agat. An fonn céadna fós orm, fonn gan fuaradh: guilm sheasamhach go bhfaigheadh an nidh atá uaim. Dá fhaid do bheifeá ód thír bheadh a fonn ort: mian filleadh uirthe. An oiread fonn feóla air go siubhlóchadh sé na mílte chúiche: mian chun a hithte. Le fonn mo chroidhe do labharfainn leis an stuaire dá mb'fhonn léi é: dúil: éileamh: deabhadh: dá dtaithnigheadh léi. Níl aon teóra leis an bhfonn: an té go mbíonn an dúil cheart air ní furaiste é do chur i ndiaidh a chúil. Chómh dúr san do ná cuirfeadh aonnidh fonn air: é do chorruighe chun bearta.

fonnaim: *b.a.* sanntuighim, éilighim, mianuighim. Duine mín, macánta nár fhonn riamh bruidhean ná achrann lé neach, ach síothcháin a's ciúnas: ná raibh dúil aige ann. D'fhonnfainn a chabhair, mar is minic gur thairbhe dhom í, dá bhfaighinn í: budh mhian liom í go mór. Ná fonn rud ar bith nách leat féin, ní cóir é: ná sanntuigh: ná mianuigh.

fonnmhaire: *b.4.* mian, leagadh lé, claoine, claontacht. Níor dheacair tafant air teacht, mar budh mhór é a fhonnmhaire: an mian a bhí aige: an dúil. B'é moladh na ndaoine a fhonnmhaire chun maitheasa do dhéanamh do naoidhe na truaighe: a éascaidheacht. Fonnmhaire oibre a néann gnóth: an aigne bheith leagtha léi. Fonnmhaire na haimsire chun gréine: í bheith claon lé gréin. Ní dheárna aon tafant air nuair chonnac a neamh-fhonnmhaire féin chun cor do chur de chois nó de láimh: ná raibh a aigne leis. Níl sé lé moladh, tá sé ithte gen neamh-fhonnmhaire: righne a's siléig tímcheall cúraim a's gnótha. A fhonnmhaire chun bóthair: éascaidheacht. Fonnmhaire na saighdiúiridhe chun catha thóg sé croidhe chinn urraidh: an guilm: an t-éileamh mór 'san dúil chun troda. Meathann an fhonnmhaire leis an aois: an phreab chun ruda do dhéanamh: beódhamhlacht: anamamhlacht.

fonnmhar: *a.* toilteanamhail, dícheallach, miangaiseach, floscach. Daoine fonnmhara chun léighinn friothálaid scoil go tráthamhail: dícheallach. Dá mbeifeá leath chómh fonnmhar chun oibre a's taoi chun díomhaointis bheadh rud éigin lé feicsint id dhiaidh:

toilteanach: dúlmhar. Is mise ghlacfaidh go fonnmhar aon rud a raghaidh chun mo mhaitheasa: lé dúil: mian: gan moill ná leisce. A thruagh mór gan breis eólais a ghnótha air, mar dá mbeadh, a's é chómh fonnmhar tiocfí tharais: imshníomhach, dícheallach, neamhleisceamhail. "An dtiocfair isteach?" – "go fonnmhar": lántoileantach agus mear. Is leisceamhail an cnámh droma atá ionat, is neamh-fhonnmhar ataoi at mothalughadh chun gnótha. Sid do dhíol amach go fonnmhar nuair bhraitheadar an dlighe 'n-a ndiaidh, gan a thuilleadh tafanta: go pras. Ní ceart bheith ró-mhilleánach air i dtaobh a bheag-chabhartha, bíonn sé fonnmhar go leór dá mbeadh an t-eólas aige: a intinn lé n-a dhíol do dhéanamh. Ar thárlachtaint tionóisce do dhuine cheann-uaiscneach, fuadrach, deirtear, "á, mhuise maran fonnmhar a bhís": maran ort do bhí an fotharga gan féachaint rómhat.

fonnsa: *f.4.* iarann, stán, nó adhmad cruinn a choingbhigheas lé n-a chéile rud mar barraille nó soitheach, an raidhlsínidhe daraighe i bhfeirm leath-bhoghaisín ó fhráma go fráma i dtóin nadhbhóige ar a n-aduightear 'n-a déanamh crios, bannda, fleasc. Fonnsaidhe uachtair, íochtair, builg. Toisc a raibh de dhíoghbháil déanta don ngluaisteán beidh tamall ann sara mbeidh sí i bhfonnsaidhibh cruinnighthe airís: na máillidhe go léir curtha 'n-a n-ionad cheart. Ón lá ceapadh me ní rug a lithéid d'fháscadh gáiridhe orm ag an gcainnt ghreannmhar a bhí aige, bhíos i bhfonnsa d'iarraidh gan gáire lé náire san áit go rabhamair: ag brughadh go dóighte orm féin gan. Ní fheadair sé cad is ceart do do dhéanamh, dá n-imthightheadh sé b'fhéidir go dtiocfí ag triall air ghá rádh leis nár ghábhadh dho imtheacht, a's dá bhfanadh sé bheadh thiar air dá mbudh ghábhadh dho imtheacht, tá sé i bhfonnsaidhibh má bhí aonne riamh: ar aiste clipighthe, neamhdheimhnightheach. Cuireann do cheist i bhfonnsaidhibh me, níl a luighead eólais agam ar connus í d'fhreagairt: i gcanntaibh: i bponc: i ndraip.

fonnsach: *a.* go mbeadh cuid mhaith fhonnsaidhe nó fonnsaidhe maithe, láidre air. Ar mh'anam gur b'í do nadhbhóigín atá go fonnsach: teann, daingean leó. Dá mbeadh an soitheach fásc-fhonnsach ní bheadh sé ag sileadh: na fonnsaidhe go dlúth luighte leis.

fonnsadóir: *f.3.* duine a dheineas fonnsaidhe.

fonnsaim: (**fonnsuighim**) *b.a.* cuirim fonnsa nó crios air. Fonnsuigheadh ó thalamh an soitheach níor shil sé riamh braon picealach gur ith an mheirg na fonnsaidhe le haois: dlúthuigheadh na stabhanna go daingean do-chorruighthe lé chéile.

fonnthachtaidhe: *f.4.* suarachán, cníopaire. Ní bheinn ag caitheamh m'aimsire i bhfochair fonnthachtaidhe mar thu ná feaca spirid chaithte ná seasamh fir ionat in áit go mbeadh fir: duine suarach, cruinn. Fonnthachtaidhthe, lucht bhun na gcnoc, riamh agus go deó ag tnúth: daoine ná caithfeadh ach ag brath ar a thuilleadh.

fonómhaid: *f.1.* (**fonómhad, fonmhóid, fonmhód**) magadh, leithéis, scigireacht, cnáid, faoidhreach. Dar leis gur b'é brobh i dtóin é féin, sé a chúram bheith ag fonómhaid fé aonne go bhfeiceann sé aon leathcheann air: ag déanamh a gháire go tarcuisneamhail fé n-a n-aindeise. "Ná dein magadh fé sheanduine ná fonómhaid fé sheanóir": duine aosta ní cuibhe do dhuine óg bheith ag déanamh seóidh fé, ná bheith ag gáiridhe go tarcuisneamhail fé dhuine a bhíos an-aosta. Creid me, cé gur dóigh leat nách fíor é, ní

bheinn ag fonómhaid fút: ghod chur amugha d'fhonn greann do bhaint as. An saoghal mór ag fonómhaid fé luingeas chómhchruinnighthe Shasana a's na Frainnce ná féadaid aon lámh do dhéanamh ar luingeas na Gearmáine dá luighead í i gcómhnáird leo: ag gáiridhe go scigeamhail: cnáid da dhéanamh aca fé n-a neart maoidhte a's buannacht na mór-mhara. "Is fearr síol fealla na síol fonómhaid": níl aon dream is táire ná clann lucht magaidh a's cnáide: is iad is mó a ghoineas duine 'n-a fheardhacht. Fonómhaid ar fad fé Shasana thagann ar an gcraolachán ón Almáin: gáiridhe fé n-a haiste, faltanas a's tarcuisne fén neart go mbíodh an maoidheamh go léir as. Fonómhaid fén bhfaoisdin seadh peacaidhe do cheilt innte: adhbhar stealla-mhagaidh. Aonne go mbeadh aon tuisgint ann, ní fhéadfadh gan bheith ag fonómhaid fén saghas útamála a dheinis, oiread agus aon troigh amháin ní dheárnais i gceart: bhainfeadh sé gáire magaidh lé n-a olcas. Ní haon ghiolla mo lithéid é siúd agat, níl neach a fhéadfadh bheith ag fonómhaid fé féin ná fé n-a chúram: ag magadh fé lé holcas nó neamhchríochnamhlacht. Chun fonómhaid tháinigis-se 'on tigh seo, an eadh?: chun bheith ag gáiridhe 'sag foillsiughadh mímheasa a's táire do gach rud fé léith do shúl. Ní gnáthach rath ar an bhfonómhaid: iad súd a bhíos do shíor ag stealla-mhagadh is baoghalach go bhfilleann ortha lá éigin. Gheibheann siad fonómhaid an domhain as bheith ag giobadh ar an aindeiseóir: magadh a's sásamh as a leathcheann. Ná tóg orm é, ní rabhas ach ag fonómhaid: ag déanamh seóidh.

fonmhaideach: (**fonmhóideach, fonmhóideamhail**) *a.* magamhail, scigeamhail, cnáideamhail. Sháidh an t-atúrnae a cheann chugham go feargach, nuair shíl go rabhas in adhairc ghabhair agus d'fhiafruigh go fonmhaideach díom cá rabhas ar a lithéid sin d'uain: gáire magamhail a's droichmheasa. Ní le tarcuisne ná ceal ceana bhíonn sí fonmhaideach ach lé hiomad girréise atá innte: ag déanamh cleith-mhagaidh: bheith ag tabhairt péac go deagh-ghnaoidheach. Na daoine go fonmhaideach i mbéal dóirse ag tabhairt an mheisceóra fé ndeara: sásamh gáiridhe aca fén gclódh a bhí air. Bhailigh an sluagh 'n-a thímcheall go fonmhaideach, fiú amháin caitheadh sileadh air, bhítheas ag faoidhrigh 'sag búithrigh sé: ag foillsiughadh táire.

for-: *r-mh.* os cionn, breis(e), thar, ar fíorbharr, nó fíorcheann, ath-. For-bhaoite: blúire beag de mhalairt baoite cuirtear ar bhior an dubháin chun an éisc do mhealladh. For-chroiceann: an croiceann a shnoigheas gan an fheóil d'fhoillsiughadh: croiceann an bhaill fheardha. Tháinig for-chroiceann ar an dtalamh lé faid a bhí sé gan saothrughadh: d'fhás ath-chroiceann air. For-mhóin í sin go bhfuil ceól innte: móin d'fhan ón mbliadhain anuiridh etc.

foraibidh: *a.* an-aibidh, tagtha chun tortha go luath, clódhchaiseach. Féach an toirt atá sa diabhailín – oiread a'frighe – a's ní mó thar dosaon bliadhain é, ach tá chomh foraibidh a's dá mbeadh in aois a dathad!: clódhchaiseach: glacann air féin cuma an fhir a's dánaidheacht chun tabhartha fé aonnidh. Coirce foraibidh dob eadh é a's níor dhein san puinn maitheasa, b'fhearrde é bheith níos moille: pras ag teacht chun gráinne a's ag buidhiughadh. Droichmhianach, ar nós na beiche chómh foraibidh a's b'fhéidir a bheith d'éireóchadh chughat gan aon rud, ach féachaint cam air: tapaidh, mear: míoruthagach.

foradh: *f.1.* scéimh, bruach, faobhar, siolpa, suidheachán cois falla. D'imthigh an fonnsa d'fhoradh an tsoithigh a's d'oscail ó n-a chéile: ó fhaobhair a bhéil. An soitheach 'n-a

shuidhe in áit fhlich gur thosnuigh a fhoradh ar lobhadh: faobhar a thóna. Thíos, thíos ar fad na céadta slat síos do bhí an nead ar foradh beag cloiche: siolpa: cnapán carraige budh shia amach ’ná an chuid eile. Ar an bhforadh is aoirde a gheóbhadh sé do raghadh an turcaighe chun codlata: tala, binnse nó gnáthóg. Foradh na rotha: an fleasc: an crios iarainn a bhíos tímcheall uirthe ghá cosaint ón dtalamh. Chonnac tighthe go mbíodh foraidhe cloiche in aice na teine ar gach taobh: suidheacháin déanta de leacachaibh.

foraighis: *b.2.* áit iargcúlta, gnáthóg ainmhidhe fiadhain, pruais mada ruaidh, coill mhór fhairsing. An raingléis charraigeach lán d’fhoraighisidhibh ’n-a mbíonn sionnaigh a’s bruic i bhfolach: puill dhorcha, dhiamhaire. Na smaointe is uaignighe i bhforaighisidhibh croidhe an duine bíd soiléir do Dhia: is sia isteach agus is foluighthighe. Sa tseanreacht do bhí Éire uile fé fhoraighisidhibh gan pioc di bán: fé choilltibh móra, diamhaire. Shéid an gort so go fiadhain, tá foraighis ghas air is cosamhail go mbeidh ar bheagán prátaidhe: gais iomadamhla, árda, thiugha. D’imthigh an talamh cnuic n-a fhoraighis gan a shaothrughadh: fiadhain.

foraire: *b.4.* an-aire: áit feighle, fanamhaint, fionnraighe, aireachas, gárda, farathóir: rabhcán. Aon fhuaim fén saoghal ní bheadh lé clos agam i rith na hoidhche ach troist troist an fhoraire ag gabháil thar mo dhoras do ag déanamh a choimeáid orm: an fear gárda a bhí lasmuigh. An oidhche mhór, fhada, uaigneach gheimhridh do ghaibheadh tríom a’s me ag foraire dom chomrádaidhthibh a’s iad n-a gcodladh ar eagla a ngabhála gan choinne: aireachas dícheallach agam gan suan gan faillighe: i bhfeighil a gcosanta ar teacht na namhad ar fionnraighe dóibh. Tógadh ionad foraire ar an nDún Mór lé déidheannaighe ná tiocfadh namhaid i ngan fhios ón bhfarraige orainn: suidhe feighle. “Tá m’anam ag feitheamh ar an dTighearna níos mó ná ghníd lucht faire ar an maidin; lucht foraire na maidne” (Sailm CXXX. 6): bheith ag féachaint go cúramach, gasta lé teacht ruda éigin. Dia ghom fhoraire ar gach conntabhairt: ghom ghárdáil go cúramach: gan faillighe do thabhairt ionam: bheith do shíor ag freastal orm.

foraireach: *a.* cúramach, suimeamhail, freastalach, friochnamhach. An té ná bíonn foraireach air féin ar an bhfarraige is dóichighe gur tinn do: cúramach, bheith i gcómhnaidhe ghá chosaint féin uirthe. Éanlaithe foraireacha géadhanna fiadhaine is rí-dheacair teacht i ngiorracht urchair gunna dhóibh: braithteach: seachantach: suim ’n-a gcosaint féin aca. Bóithre ró-olca, go mórmhór san oidhche níor mhór duit i dteannta an eólais ortha bheith foraireach mar is lánfhuraiste do báscadh bheith ann: ró-chúramach ar a dtaisteal.

foraithris: *b.2.* réamh-innstinte, tuaradh, fáistine. Dhein an fáidh foraithris ar theacht ár Slánuightheóir i bhfad sar ar saoghaluigheadh é: d’innis roim ré. Is maith an té a fhéadfadh foraithris do dhéanamh ar connus mar raghaidh deireadh an chogaidh seo: a innsint anois cad é an taobh a bhuaidhfeas a’s cad é an saghas síothchána a thiocfas as. Ná bí ag foraithris: ná heachtruigh roim an uain cheart.

foraithrisim: *b.* innsim roim ré, tuaraim, fáistinim. Foraithristear leis na fáidhibh gach nidh dá ndeárna Críost iar dteacht ar an saoghal do: innstear aca é mar bhí lé tuiteam

amach. Níor ghábhadh dhuit an scéal d'innsint in ao'chor dom tá sé foraithriste cheana dhom: innste ag duine eile.

forán: *f.1.* beannachadh, sléachtaint, cainntiughadh. Chómh maith agus is maith liom Dia d'fheicsint níor chuireas bráig ná forán air ach ní dhéanfadh san do gan me d'ionsaighe go cochallach: mairg: cruisteach: oiread agus sméideadh air. Sé an saghas duine é ná cuirfidh forán ar aonne a's ná teastuigheann uaidh aonne do chur foráin air: bac: coimhtheas: cur chuige ná uaidh: é d'fhágaint ar a bhuille. Mara mbeadh gur cuireadh forán éigin air ní bhacfadh sé tharais neach aca: go ndearnadar socaireacht air: teangmháil.

fóraoil: (**foraoil**) *b.2.* ar an bhfán: ar míthreóir: ar drochaiste: fágtha ar barra taoide. D'imthigh m'fhearas iascaigh a's d'fhág san ar fóraoil me: gan aon iasc. Na díleachtaidhthe beaga, bochta dealbha ar fóraoil anois ó imthigh an t-athair 'san mháthair: ar míthreóir: go holc as, gan neach lé n-a gcothughadh ná a dtreórughadh. D'imthigh an cárta dob fhearr im láimh a's d'fhág san ar an bhfóraoil me: go haindeis: gan faic a thairngeóchadh cúig. Chuir an t-ólachán ar fóraoil é, ná fuil pingin 'n-a spaga ná luid éadaigh air: míthreóir: bhris sé scun scan é. A fhóraoil chráidhte go dtáinig an cailín bocht treasna riamh ar neamhmaitheach fir mar é: a thruagh chéasta é. Bád maith í sin tamall ach d'imthigh sí ar fóraoil gan aire do thabhairt di ná deisiughadh do dhéanamh uirthe. Leis na ciantaibh ní bhfuairtheas aon tuairisc air, is an-deallramhtach go bhfuil imthigthe ar fóraoil: ar an bhfán: 'n-a scraiste gan maith dho féin ná d'aonne eile. Sid í an scilling dhéidheannach a's nuair bheidh sí sin caithte bead ar an bhfóraoil: dealbh amach 'samach.

foras: *f.1.* bonn, scabhárd, faidtheadhlacht, foidhne. Bíonn truagh agam duit, ar mh'anam, gan rothag, gan foras, míomhuinighin a's amhras ghot itheadh: gan fuaimeant. Duine gan foras a lasfadh gan féachaint roimis: gan rothag: faidtheadhlacht. Tabhair foras do, ná beir ar mhuineál de thapaidhean air: tabhair eaga dho. Is fada go bhfuair sé foras ná cineáltas uatha, ach i mullach an chinn air ar gach ao'chor: suaimhneas: ceannúireacht.

forasta: *a. n-dh.* fódamhail, fuaimeantamhail, socair. Níl sé chómh neamhfhorasta san ná gur féidir leis seal fonómhaid d'fhulang: neamhfhuaimeantamhail. Thug sé cainnt fhorasta uaidh, nár bh'fhéidir a cháineadh ná a bhréagnughadh: fódamhail, go raibh brigh a's deallramh léi. Ar theacht isteach dom thugas fé ndeara go raibh cuma fhorasta air agus ná raibh aon fhonn seóidh ná grinn air: socair, daingean.

forastacht: *b.3.* fuaimeantamhlacht, fódamhlacht, foistineacht, dáiríre, meónaidheacht. Is annamh do labhrann sé ach nuair labhrann is lé forastacht é, ní rith leis féin do bhíonn sé ná ag cainnt san aer: fuaimeant: brigh a's ciall 'n-a ráidhtibh. Daoine forastachta gur deacair d'aon rud mara mbeadh sé an-éachtach ar fad preab ná geit do bhaint asta: socra: ciúine.

forc: *f.1.* gabhlán, "píce búird". Níor bh'fhiú leis a fhorc do chur sa bhfeóil: ní raibh puinn ann di. Níl tógaint fuirc d'fheóil air: bocht, lom: oiread agus raghad ar a bheannaibh. Bhíodar ag cuimilt a fhuirc dá chéile, ná leigfeadh eagla d'aonne teacht

eatartha: ag búrdáil a chéile go fiadhain, fíochmhar. Thug sé an lá ar fad ar bháistigh, ag cur forc a's sceana: duartan uathbhásach. Nár mhór an droichmhianach é gur sháthaidh sé an scian go fuirc ionam: isteach ar fad go dtín gcois. Is ar a mbórd súd ná bíonn an gannchar ná an t-easbhaidh, bíonn biadh go fuirc a's maididhe scean ann: flúirse mhór.

forcha: *b.5.* éan mara, go mbolg a's brollach bán, drom a's sciatháin dhubha, a's gob fada, láidir dubh. Cómhartha éisc in áit scataidhe forcann.

forcamás: *f.1.* geámaidhe, feádhanna, imtheacht gaigeamhail, mustar, díomas, mórdhálacht neamhghustalach: neamhshocracht, guagacht, slíomadóireacht. Ó, go deimhin féin is mór an forcamás fé chailín bheag é toisc a culaith nuadh, ní fheadair sí an ar a ceann nó ar a cosaibh atá sí 'n-a seasamh: ag gabháil mórtais a's measa uirthe féin. Choidhche ní bhruicfinn lé n-a thuilleadh forcamáis ó fháslach mar thusa, ag gabháil lastuas dos na daoinibh, dar leat: ag dúmas mór-thábhachta: borrachas iomchair. Tá an t-árd-ualach san ar forcamás agus anuas leis mara saoruightear é: guagach, neamhshocair: ar tí tuitthe. Cad chuige an forcamás ar fad?: mór-chúis, éirighe anairde. Budh mhór go léir an forcamás a bhíodh fén g"Cnagaire" a's braoinín caithte aige, nuair thairngeadh sé an tseanbheidhlín chun séamtha ar bhainis, an scuabadh do bhaineadh sé as an mbogha, an crothadh cinn, an mion-rinnce lé n-a chosaibh, etc.: geámaidhe, feádhanna tóirtéise a's girréise. Féach, ní haon fhorcamás do theastuigheann uaim-se uait-se ach obair: corruighe áidhbhéise. B'fhearr a bheadh sé go mór gan an forcamás cainnte a bhíos aige, focail mhóra ar mhuin mhairc a chéile: brumaireacht: bladhman cainnte: mórán Éireann focal a's gan puinn fódamhlachta leó. Cuir uaim an forcamás orm-sa, ní bhuaidhfidh cainnt bhreágh, mhilis ná maoidheamh faic uaim-se dhuit: ag tnúth trí fheabhas a úrlabhra, dar leis. Dá gcloisteá ag cainnt é ar fheabhas a's flúirse an bhídh do bhíonn aige, chuirfeadh an forcamás breóidhteacht ort: an bladhgar 'san áidhbhéis ag cur síos ar rud ná bíonn ann. Ní fhéadfadh sé an rud is lugha ar domhan do dhéanamh gan forcamás budh dhóigh leat gurb air a bhí cúram na gcéadta: geámaidhe: bóibéis: geáitsidhe na cruinne aige tímcheall air: imtheacht: leitheadas: gothaidhe dhá chur aige air féin mar bheadh gnóth mór, tábhachtach idir lamhaibh aige nár mhór fear maith chuige. An forcamás a bhí air le haon ghamhain beag amháin ar an aonach budh dhóigh leat gurb í eadáil Chuige Mhumhan a bhí aige: an tóirtéis 'san t-aiteas.

forchoimeád: *f.3.* faire, cosaint, dídean, gan leigeant isteach ná amach as chuan nó chaladhphort. Rugas ar sháimhthaigh a's chuadhas i bhforchoimeád an dorais má chuirfeadh a cheann isteach stiall do bheith agam air: ag cosaint an dorais gan leigeant do neach gabháil tríd. Gadhar maith é sin i bhforchoimeád na hiothlann, ná leigfeadh do bhitheamhnach duine ná ainmhidhe dul ag bradaidheacht innte: 'n-a dianchosaint. Fuaireamair an tigh béal anáirde a's gan duine ná daon 'n-a fhorchoimeád: ag tabhairt aire dho: gan caonaide 'n-a bhun. Sasana a's an Ghearmáin ag forchoimeád cuanta a chéile: ag cosa earraidhe isteach 'samach.

forchoimeádaidhe: *f.4.* fairitheóir, gárda, cosantóir, dídeanóir. Gan baoghal is iongtach na forchoimeádaidhthe ar bhailtibh cuain na heitealláin a's na báid fé thuinn, is deacair d'aon luing chogaidh éalódh uatha gan bascadh: cosantóiridhe: dídeanóiridhe. Forchoimeádaidhthe ár gcósta: feighlidhthe mara.

fordhóghadh: *f.* (*-óighte*) dóghadh ón dtaobh amuigh nó ar an imeall. Móin ró-fhliuch ní dheineann sí ach fordhóghadh: an sceó amuigh gan a thuilleadh. Fordhóghadh gan lasadh do dheineann adhmad, móin a bhíos fliuch: dóghann an sceó gan puinn deargtha ná teasa. Thuit uisce te ar mo lorgain a's tá fordhóghadh uirthe: an croiceann amháin dóighte, loiscithe. Fágadh an t-arán rófhada ar an dteine tá fordhóghadh air: an screamh amuigh caithte gen dteas. Ná bac an fheóil go mbíonn fordhóghadh uirthe: go mbíonn an ciumhais cruaidh ge teas.

fordhóghaim: *b.a.* dóghaim nó loiscim an sceó. Fordhóghfair tú féin, táir leathta anuas ar an dteine: dóghfair an clúmh a's an croiceann ar do loirgnibh. D'fhordhóghaidh an choinneal a fhabhraidhe: loisc an teas barr na ruibidhe. Fordhóghann bearbóir folt dhuine d'fhonn a's go bhfásfadh níos fearr: le teas baineann sé an barr de. Fordhóghfaidh do dhroichbhearta-sa tusa lá breágh éigin: déanfaid díoghbháil duit a bhrathfair go piantamhail.

fordhóighte: *a.r.* dóighte, loiscithe ón dtaobh amuigh. Móin fhordhóighte: go mbíonn an screamh ithte gen dteas. Caithfear olann chadáis agus folc ón bpoitigéaraidhe do chur leis an láimh sin tá sí fordhóighte go maith gen uisce beirbhthe: loiscithe. Bíonn mo chroidhe fordhóighte aige ag teacht abhaile ar meisce chugham: ró-chráidhte.

forfhás: *f.1.* athfhás, aonnidh ag fás ar rud eile; sochar: fás maith. Lé bliadhain féin tá forfhás iongtach déanta aige. Beidh scrothaidheacht ann: fás mór. Sé chuma chothuigheann sé a sheanbhó ar fhorfhás na gcladhthach: an féar a bhíos ortha. Bliadhain mhaith thoraidh a dhéanfaidh sí ar an bhforfhás atá fés na barraidhibh: fás mór, tapaidh. Cnapán mór, saghas abhair ar a mhuineál nár mhaith leis na dochtúiridhibh teangmháil leis, forfhás é. Go bráthach ní thiocfaidh aon fhorfhás air, sin é in aois fir é a's é 'n-a mheathalóir: ní raghaidh aon mhéid air. Cuireann sé a chuid airgid isteach 'on bhannc go cruinn, baileach mar a dtagann forfhás air: breis.

forfhógra: *f.4.* fógra láidir an fógra déidheannach. Cuireadh an forfhógra chuige, tá deireadh na foidhne caithte leis a's mara n-atharruigheann a aigne a's díol as an ndíoghbháil atá déanta aige raghfar chun dlighe leis: an focal déidheannach ráidhte leis, a's ní bheidh a thuilleadh argóna ná áitimh ar an gcúrsa. Ar theacht do chómhacht airm na Gearmáine isteach 'on Danmharg chuir an Rí forfhógra amach ameasc a íochtarán fanacht ciúin socair a's gan mairg ná bráig do chur ar arm a n-iomghabhála.

forfhógraim: *b.a.* cuirim in iúil roim ré, craobhscaoilim go diongmhálta. Forfhógradh do dhaoinibh i mbailtibh i Sasana dul i bhfolach i scartachaibh lé linn ionsaidhthe aoir na namhad: tugadh rabhadh dhóibh san do dhéanamh. Ní huair ná dhá uair d'fhorfhógras air é féin do sheachaint ar an maistín gadhair sin nó go mbéarfadh air: chuireas i bhfighis go cúramach.

forghabháil: *b.3.* tógáil nó seilbh d'aindeóin. Cuireadh i bpríosún é i dtaobh forghabháil do dhéanamh ar an dtigh tréis a rádh leis gan baint do bheith aige leis: dul 'n-a sheilbh thar chrois na dlighe. Rinne an Ghearmáin forghabháil ar an nDanmharg, ní bhfuaireadar

cead ná cuireadh ó mhuinntir na dúthaighe sin í do shealbhughadh: a tógáil le fóirneart a hairm.

forgach: *b.2.* Gamhnach dhá bhliadhain a's breis bainne forgaighe ní hé is fearr.

forghruaim: *b.2.* gruaim mhór: duairceas, doircheacht aige. Rud éigin bun os cionn leat ar an bhforghruaim atá ort, b'annamh leat bheith chómh neamhshubháilceach: mí-ghreann: mío-ghnaoi. Ná cuireadh sé aon mhairg ort forghruaim do chur air, ní dhéanfadh Éire teidhmint air: mío-ghnaoi: coimhtheas: mí-ghreann.

forlámhas: *f.1.* uachtaránacht, ceannas, árd-chómhacht, foiréigean. An rí a ghaibh forlámhas in Éirinn an uair sin: a bhí i gceannas. Ní lé macántacht ná lé hionracas a shroich Sasana a bhfuil de shealbhantaidhibh coigcríocha aice ach lé forlámhas: lámh láidir. Tá forlámhas na háite ar fad anois aige níl cómhairleach ná ceartéis air: cómhacht iomlan chun a rogha rud do dhéanamh.

forlán: *a.* lán go bruach, lánfhlúirseach. Gach páirc a's gort forlán de thoradh: barraidhe go flúirseach saidhbhir. I rith an chogaidh mhóir cheana bhíodh luach mór ar iasc go mbíodh pócaidhe na n-iascairidhe forlán: ar tí pléasctha lé hairgead. Ar mbeith forlán don dtaoide snámhfaidh an long den mbannc gainimhe: é 'n-a bharra taoide: lán mara. Ní fhéadfadh sé a thuilleadh d'itheadh bhí sé chómh forlán a's d'fhéadfadh do bheith: lán suas go poll an phaidrín.

forlann: *f.1.* reacht (nirt), fóirneart, díomas, fuath, ancháirdeas, reacht tinnis. Baineadh dinn a raibh againn lé forlann – ní rabhamair láidir ár ndóthain don namhaid: lé breis nirt a's go héagcórach. Riamh bhí an forlann istigh acu dá chéile a's níor bh'fhéidir muinnteardhas ná síothcháin do dhéanamh eatartha: fuath a's gráin. I bhforlann an bháis is fánach duine ná go n-iompuigheann ar Dhia: i dtinneas trom. Ó ionad go hionad do bhí an namhaid ghár dtiomáint lé forlann airm a's fear: neart a's acfuinn na breise. Táthar ag déanamh forlainn orm annso, cúigear in aghaidh aonne amháin: breis nirt dhá imirt orm.

forloiscim: (**fórloiscim**) *b.a.* dóghaim nó loiscim an screamh, an taobh amuigh. Forloisceann an cat é féin leis an dteine le cion ar an dteas: imthightheann barra an chlúimh de léi. Is agat atá an saoghal, ambriathar, forloisc tú féin go maith leis an dteine, is fearrde thu an teas: téidheamhaigh (téidh) tu féin go mbí dath ruadh ar do chneas. D'fhorloisc an t-adhmad toisc é do bheith ró-gheairrid don dteine: dhóghaidh an taobh amuigh de. Ní fada anois go bhforloiscfidh an teine sin: go dtosnuighidh sí ar adhaint.

forloiscthe: (**fórloiscthe**) *a.r.* for-dhóighte, adhainte, ithte beagán ag an dteas. Móin fhorloiscthe: móin a tógtar as an dteine sara mbíonn sí caithte. Tháinig mórán raice forloiscthe is dócha gur long éigin a chuaidh trí theine: adhmad go raibh cuid de dóighte. Sar ar bh'fhéidir lé lucht múchta na teine an lámh uachtair d'fhagháil ar an ndóighteán bhí an tigh forloiscthe go maith: an taobh amuigh dhe gach aon rud cnaoidhte gen dteine. Suidh annso tamall, táim-se forloiscthe aice (teine): téidhte, (téidheamhuighthe) go maith.

forloscadh: (**fórloscadh**) *f.* (*-ctha*) do bharra-dhóghadh. Is breágh é do shaoghal, a chaith, ghod fhorloscadh cois teine: id chúilín cnámh: casta go gleóidhte, subháilceach i seascaireacht an teasa. Baile cuain i Sasana a fuair an forloscadh ón aer airéir ó scata eiteallán pléascán: dóghadh maith: tóiteán thall 'sabhfus ameasc na dtighthe. Ní bheadh an bearbóir sásta tréis mo chinn do bhearradh gan é d'fhorloscadh: barr an fhuilt do ruadhachtaint le teas fáideóige. Forloscadh ort!: go ndóightear thu.

formad: *f.1.* $_{7}$ *3.* gráin nó fuath do dhuine eile as a fheabhas nó a chonách, a shonas nó a rath: dochma fé mhaith chách, tnúth: droichthoil, droch-aigne: comórtas, dréim, mío-rún, doicheall. Seo, sin púnt don nduine agaibh d'fhonn a's ná beidh sibh i bhformad le chéile: ag braithstint go raibh éagcóir déanta oraibh a's go raibh an oiread buannachta agaibh ar an suim chéadna. "Formad fé mhaith spioradálta dhuine eile": míchion do bheith agat air 'n-a thaobh. Lé cuimhne na ndaoine táid i bhformad lé chéile, an rud a bheadh nuadh indiugh ag duine aca chaithfeadh sé bheith gen nduine eile ambáireach: ag dréim lé chéile: ghá fhéachaint le chéile. "Connus tá an saoghal ag éirghe leat?" – "níl cúis ghearáin ná formada agam le neach": a fheabhas san ná fuil éad orm i dtaobh a fheabhas atá cách. Níor bh'fhormad liom-sa dá mbeadh na leaga liatha sa bhannc agat: ní bhainfeadh sé aon mhíoshásamh aigne ionam do shaidhbhreas-sa i gcoinnibh mo dhaidhbhris féin. Tagann formad orm leat nuair chídhim an saoghal breágh, díomhaoin atá agat ar do chraodó, gan ag déanamh mearbhaill duit ach do dhrom a's do bholg: cráidhteacht croidhe ná fuilim os chionn mo bhuille mar táir. Formad leath an tsaoghail: mórchuid des na daoine go dóighte 'n-a gcroidhe fé mhaith na coda eile. "Óir do bhí a fhios aige gur trí fhormad do thoirbhir uachtaráin na sagart é" (Marc XV. 10): mailís, tnúth, droch-aigne. Bheadh rud agam féin nó bheinn ghá cheal, ní bheinn i bhformad lé haonne: budh cheart do dhuine féin a dhícheall do dhéanamh ar nidh do bheith aige agus gan mío-shuaimhneas aigne ná suathadh inntine do bheith air toisc an nidh céadna do bheith ag duine a shaothruigh do féin é. Ná bí i bhformad liom-sa a dhuine, bíodh rud agat féin: mothaluigh tu féin a's ní bheidh aon chúis thnútha agat lé haonne. An formad a mhairbh é: an síor-chnáimhseán leo so go bhfuil rud aca. Thiocfadh formad ort nuair chídhfeá na huaisle go léir ag gluaiseacht go scléipeach a's duine eile 'n-a chnuig ithearach, a dhá cheann i gcré ó Luan go Satharn: cráidhteacht aigne i dtaobh do dhroch-aiste féin i gcomórtas leo. Cuireann tu formad ar gach aonne an tigh breágh atá agat: ní sasamh leó agat a's gan a chómh aca féin. Chun formada do chur ortha thairngeas chugham bas airgid: chun iad do shuathadh 'n-a n-aigne toisc gan a bheith aca féin.

formadach: *a.* tnúthach, mío-rúnach, cráidhte. Rud formadach atá anois agat, roinnt ar gach aonne ach ar neach amháin: rud atá claon lé míoshástacht do dhéanamh. Beart formadach do dhein sé suidhe síos chun ithte gan a fhiafraighe dhíom an raibh oiread agus béal orm a's me silte leis an ocras: beart a chuirfeadh cáiseamh ar aonne. De ló a's d'oidhche ní bhíonn dá thaidhbhreamh dóibh ach cad iad na rudaidhe formadacha a dhéanfaidís ar a chéile: rudaidhe a chuirfeadh olc ar an dtaobh thall. Táid ag gearán go bhfuil an obair dhá roinnt go formadach bailte ag fagháil cuid mhaith dhi, bailte gan faic: riar leithleachais a bhaineas míoshásamh amach. Níor mhaith liom rud chómh formadach do dhéanamh lé n-a fhágáil as an gcuideachtain: rud a chuirfeadh stainncín air.

formadacht: *b.3.* ar aiste nó dáil bheith formadach, olcmhar, maisleamhail. "Breac-loirgneacht earraigh a néann formadacht foghmhair": an té ná mothaluigheann é féin le linn na curadóireachta beidh sé gan faic lé linn na buana, a's cuirfidh toradh a chómharsan cráidhteacht chroidhe a's fuath air. Ní raibh riar riamh nár lean formadacht é: bheadh duine éigin i ndroch-aigne lé luighead a choda féin agus lé méid chách.

formadamhail: *a.* tnúthmhar, fuathmhar: éadmhar: cráidhte fé rath dhuine eile. Duine formadamhail, budh mhór leis, sé an scian tríd an gcroidhe aige é, rud do bheith ag aonne: maoidhteach ar mhaitheas chách. B'fhormadamhla go mór leis mé bheith éirightheach sa tsaoghal 'ná neach eile des na cómharsanaibh: is mó do ghoillfeadh sé air. "Ná bídh formadamhail lé chéile a dhearbhráithre (Séamas V. 9): ná bídh ag cothughadh droch-aigne dá chéile. B'fhormadamhla liom mar bhí an madra ag féachaint orm a's me ag itheadh, chaitheas cnámh chuige go n-imtheóchadh an formad de: budh neamhthaithneamhach: budh shoiléir go raibh sé ag tnúth le cuid. Daoine formadamhla ná bíonn sásta go mbíonn gach rud aca do chídheann siad ag daoinibh eile: gur míothaithneamh leó bail a gcomharsan. Bíd an-fhormadamhail lé chéile, an dá mhadra san, i dtaobh cnámhfairte: is mór lé ceachtar a n-itheann an ceann eile.

formán: *f.1.* glór, geóin, fuaim, torann. Más fíor é go raibh céad go leith eiteallán pléascán i gcoimheascar catha budh mhór a's budh dhiamhair é formán a n-inneall 'sa bpiléar: torann trom. Níor leig formán an tsimné néal chodlata airéir orm: feadghail na gaoithe air. Sara mbí an cogadh thart bainfidh an dá thaobh tuilleadh formáin as a chéile: fuaim: tuargaint go mbeidh glór uathbhásach leis. Dá bhfeictheá an tuinncéir ag gabháil lé cleith ar an asal a's é ag baint formáin as a easnaidheachaibh: le gach stiall chloisfeá luighe an bhata. An lá is ciúine agus is aoibhne dá dtáinig riamh bíonn formán coimhtheach íseal ag an muir: dórd a chuirfeadh iongadh agus machtnamh ort gur conntabharthach í.

formhóin: *b.3.* móin na bliadhna anuiridh a fhan ar an bportach. Teine formhóna is maith í .i. bíonn buancas a's teas innte ar dtriomughadh dhi.

formhothuighthe: *a.r.* go héaluighthe, ós íseal. Tagann an mada ruadh go formhothuighthe ar chródh na gcearc: go haicillidhe: gan fothrom do dhéanamh. Bhuail sé isteach 'on chlós go formhothuighthe a's d'árduigh leis aon rud go raibh aon tsuim aige ann: cé go raibh muinntir an tighe go léir ag baile: gan neach ghá thabhairt fé ndeara. Chuir sé an t-airgead i bhfolach go formhothuighthe i gcoim na hoidhche: i ngan fhios do neach. Nách formhothuighthe an chéim atá agat ná cloiseann aonne ag teacht fé dhein an tighe thu: éadtrom, aicillidhe, aireach.

formhúchadh: *f.* (*-chta*) múchadh maith, báthadh, cur as anáil. Lá dá raibh garsún ag tabhairt snámh géillín dom, thúm sé mo cheann fén uisce agus choimeád ann é gur thug sé formhúchadh dhom: gur shíleas ná tiocfadh m'anál choidhche dhom: cosc tharraic m'anáile. Na fuinneóga dúnta go dlúth aige, a's na dóirse, an t-éadach leapan casta ar a cheann aige, an iongadh é bheith gan sláinte gan puth aoir ghá fhormhúchadh féin ar an gcuma so: plúchadh: cosc anáile. B'éigean dom teicheadh as an dtigh, d'íosfá deatach lé

spionóig ann, bhí sé chómh tiugh san, bhíos dhá fhormhúchadh ann: ag cailleamhaint m'anáile.

fornocht: *a.* leis, nochtuighthe ar fad, gan luid éadaigh, fiadhnaise. I bhfornocht Dé deirim leat ná feaca olc maith ná donaidhe a's ní haon mhaith bheith ghom chúiseamh lé n-a thógáil: i láthair Dé: dearbhuighim é. Gan náire roimis ná 'n-a dhiaidh air dhéanfadh sé aonnidh i bhfornocht an tsaoghail mhóir: os chómhair. A's í do theacht chuige fornocht gan spré ná mhaoin phósfadh í: dealbh gan luid.

forrán: *f.1.* ionsaidhe, bráig, coimhtheas, fearg, mío-ghnaoi. Níl fulang ar aon tsaghas forráin aige, mara ndéanfá ach gáire lasfadh sé chughat: ag cruisteach nó baint. "Ar dheinis aon chainnt leis?" – "chuireas forrán air ach sin a raibh ann": chainntigheas é: bheannuigheas do. D'árduigh forrán na habhann an droichead leis: ionsaidhe a's scuabadh. Ní fheadar connus é, ach ní fuláir liom nó do chuireas forrán éigin air ná labhrann liom: míchéadfadh.

forránta: *a. n-dh.* neamhrothagach, neamhfhaidtheadhlach, fíochmhar, teann, uathbhásach. Thugadar fé chéile go forránta, ag pléascadh a's ag stialladh gan sos, gan traochadh, go fíochmhar, díomasach. Chuir sé roimis go forránta gan cos do chorruighe d'aindeóin ar deineadh de thafant a's de bhagairt air, dubhairt sé gur bh'fhearr leis greamanna seabhaic do dhéanamh de 'ná fágaint: go dána. Dá mbeadh foidhne agat a's gan bheith chómh forránta eaga do thógaint, gan sáthadh isteach corp ar aghaidh, thiocfá as gan máchail: gan bheith faidtheadhlach. Budh mhór an truagh é bheith forránta, deineann sé a aiteas do féin go minic lé gan breith fada ar chúrsaidhibh: claon lé himtheacht ceann ar aghaidh. Tá cómhachta forránta ag cur an chatha so agus is iomdha fear áluinn a treascrófar sara gclaoidhfidh aon taobh: lán-láidir: ró-neartmhar.

forrántacht: *b.3.* fóirneart, léidmheacht, cómhacht, calmacht, fearg, reacht nirt. Lé forrántacht an duine níor bh'fhéidir cosc ná staonadh do dhéanamh air, bhí sé ag stialladh 'sag réabadh ar gach taobh de: fíochmhaire: reacht fuadair. Budh mhór an fhorrántacht don Almáin fir a's armáil do chur de mhuir fé shróin chabhlaigh Shasana a's na Frainnce go fíorthuaisceart na hOrbhuaidhe: calmacht agus dánaidheacht. Ní gan forrántacht thar meón do thug foireann an bháid dearóil úd fén bhfarraige choimhthigh, dhiamhair: mórmhisneach: neamhshuim i gconntabhairt. Nuair labhair Suirsil airéir in aghaidh na Gearmáine bhí sé dhá thachtadh lé forrántacht, gach aon bhéic aige agus binb 'n-a ghlór: lé feirg mhóir.

fórsa: *f.4.* cómhacht, neart, iachall, armáil, díorma fear tiargabhálta chun catha, fóirneart neamhdhleaghthach ar dhuine nó ar rud, cómhacht chun staontha nó chun iachall do chur. Cuirfear an dlighe i bhfórsa ar aonne a dheineas rud as an slighe: i bhfeidhm: bainfear áis as chómhacht na dlighe. D'fharraige a's d'aer chuir an Ghearmáin fórsaidhe láidre i dtalamh a's táid ghá bhfoirneartughadh an uile lá ó shoin chun ionsaidhthe na namhad do ruagadh: saighdiúiridhe a's a gcuid armála. Lé fórsa na farraige do cuireadh an t-ancaire suas sa pholl chumhang san: neart tréan in aghaidh doichte a dhéanta. Dar ndóigh, ní fhéadfadh gan fórsa do bheith leis an ngála a scuab an ceann den dtigh!: fuinneamh agus mór-neart. Cuir fórsa léd bhuille, ní mharbhófá cuil ar an slighe ataoi ag bualadh: neart

agus fuinneamh. Nuair bhíonn an ghaoth fiadhain, láidir, deirtear, "tá fórsa thiar leat": cómhacht, fuinneamh agus neart. Ná dein aon fhórsa air mar an toilteanach leis teacht fanadh sé: ná cuir iachall dá aindeóin air. Ghlac sé seilbh fhórsa sa tigh: seilbh gan chead na dlighe. D'iarraidh a chuid cainnte do chur i bhfórsa ar dhaoinibh d'aindeóin a gcuid faoidhreachta: do chur 'n-a luighe. Dá mbeadh fórsaidhe an righe ag gabháil do b'é an dá mhar a chéile é: pé rud gur bh'fhonn do dhéanamh leis ní ghéillfeadh sé. Bíonn fórsa an diabhail féin lé speach ó mhiúil: neart a's fuinneamh neamhghnáth. Dá fhaid bheidh sé gan an dochtúir, is ag dul i bhfórsa air do bheidh an aicíd: ag dul níos ceangailte ann.

fórsach: *a.* lán-láidir, bríoghmhar, cómhachtach, acfuinneach. An ghaoth ag séideadh chómh fórsach a's ná fanfadh giobal seóil uirthe gan stolladh: teann-láidir. Os choinne a chéile in oirthear na Frainnce tá dhá arm níos fórsaighe 'ná sheasaimh riamh fód: níos cómhachtaighe maidir lé líon fear, armáil agus fearas. Gach tonn fórsach ag bualadh i gcoinnibh na faille ag baint raosach aiste a chloisfeá na mílte ó bhaile: iongtach lé neart.

fórsamhail: *a.* cómhachtach, teann-láidir: lán-neartmhar. Táid ag cur buillidhe fórsamhla i luighe gaibhte ar a chéile do dhéanamh mórdhíoghbhála dá chéile: go bhfuil neart agus éifeacht leó. Tíortha fórsamhla na hEóraipe an Almáin, an Iodáil, an Fhrainnc a's Sasana: go bhfuil neart airm, fear a's maoine aca. Ná bí leath chómh fórsamhail ag tiomáint na dtairngidhe nó scoiltfir an t-adhmad: ná buail chómh tréan: beir níos faidtheadhlaighe air. A raibh ar an mbaile aca go fórsamhail d'iarraidh comhthruim do bhaint den gcapall fiadhain: iad go léir, beag a's mór, lag a's láidir i bhfóireamh a chéile.

fortacht: *b.3.* fuascailt, faoiseamh, cabhair, feabhas, suaimhneas. A Mhaighdean Bheannuighthe a Mhuire, tabhair fortacht dúinn lé linn ár mbuadhartha: dein fuascailt orainn. Dia dár bhfortacht ar an gcinneamhaint i gcómhnaidhe: go dtagaidh Sé dár gcabhair. Fortacht Dé chughat, mar is tu atá 'n-a ghábhadh lé tinneas: faoiseamh ó Dhia ar do bhuadhairt. Déarfainn go bhfuil breis fhortachta indiugh aige, níl sé ag gearán chómh mór agus bhí: breis faoisimh: feabhas air. Fuaireadar bás ar pháirc an bhuailte gan neach 'n-a bhfortacht: chun cabhartha do thabhairt dóibh ná focal caoin do labhairt leó.

fortamhail: *a.* láidir, bríoghmhar, cómhachtach. Deoch fhortamhail seadh brannda do dhuine go dtiocfadh laige air: bríoghmhar chun anama do chur i nduine. An iomad chaoirfheóla do leanbhaidhibh óga bíonn ró-fhortamhail, dhéanfadh breóidhte go tapaidh iad: i bhfad ró-láidir. B'fhortamhail an tslat do bhí ag Maois a bhain uisce as an gcarraig ghlais: bríoghmhar: éifeachtach: lán-chómhachtach.

fortuighim: *b.a.* ₇ *n-a.* cabhraim, cuidighim lé, faoisighim, fuasclaim. Am ar bith go mbeadh broid ort d'fhortóchainn ort, mar is fiú liom ort é: thabharfainn cabhair fhuascalta dhuit. An buidéal dochtúra san níl ann ach ar nós an uisce fhuair, is é ná fortóchaidh do ghearán: ná fuasclóchaidh: ná déanfaidh pioc maitheasa ná faoisimh duit. Fortuigh me, táim i gcruadhchás: cabhair liom. Is maith an bhail orainn go bhfortuigheann Dia sinn nuair bhíonn aindeise a's buaidhreamh an tsaoghail dár ndalladh: go dtugann a chóngamh dúinn.

fortún: *f.1.* treis na breatha: cinneamhain: ceal beartuighthe ar aon rud áirighthe. D'imthigh sé do féin ag tástáil a fhortúin fén saoghal amach: ag dul i dtreis an tsaoghail chun a shlighe bheatha do dhéanamh. An diabhal go deó air, go maithidh Dia dhom é, aindeis éigin i gcómhnaidhe 'n-a dhiaidh, tá an fortún riamh air: an chinneamhain os a chionn. Tá an fortún ortha lé crostacht, ní fhanaid socair ag baile ná ar scoil: an mío-ádh: claontacht lé crostacht. Béarfaidh an fortún aonne leis, mhuis, bheidh d'iarraidh magaidh do dhéanamh fúm-sa: an mío-ádh: cuirfead-sa in iúil do ná beidh a ghnóth ar a thoil aige. Nách mór an mío-fhortún atá anuas air ná tugann aire dho féin a's gan bheith ag caitheamh a choda lé haer an tsaoghail: an mío-ádh: cómhacht éigin os a chionn a chuireas sa tslighe sin é. Is mór an mío-fhortún tú a's bheith déidheannach ód ghnóth chómh minic ná fuil a fhios agat gur bata a's bóthar do gheobhair sa deireadh: mío-ádh duine: duine go bhfuil scamall air.

foruathar: *f.1.* sidhe sanntach, ionsaidhe fíochmhar. B'é an foruathar é gur marbhuigheadh leathchéad míle fear d'iarraidh mullach an chnuic do ghabháil: ionsaidhe fiadhain uathbhásach. Óir ná hosclófí an doras dóibh níor dheineadar, na buachaillidhe fiadhaine, ach foruathar do thabhairt fé a's a bhriseadh: sáthadh fíochmhar.

fos: *f.1.* sos, suaimhneas, támhaidheacht, cómhnaidhe, cosc. I bhfos a's thall is iad an dream céadna lucht siopaidhthe, ag mealladh an airgid ó lucht na ceannaidheachta: i ngach ball. Tair i bhfos chugham go dtugad cogar duit: tair in aice liom. Suidh i bhfos cois teine: níos giorra dhi. Tóg mo chómhairle, fan i bhfos, a's ná téidhir thar lear, is buan é fear 'n-a thír féin: fan ag baile. Ar an dtaobh i bhfos den abhainn atá mo thigh: ar an dtaobh so. Faid bhímíd i bhfos sa tsaoghal so is éigean dúinn saothar: ar an dtaobh so den mbás. Leath an scéal thall a's i bhfos a's b'fhéidir go gcreidfí é. Duine siubhaltach, taistealach é, is annamh bhíonn sé i bhfos: ag baile. Cathain tháinighis i bhfos go hÉirinn: anall ó thír eile. Suidh im fhos annso, is aoibhinn liom tú do bheith in athchomaireacht dom: im aice.

fós: *d-bh.* seachas, go dtí so, as so amach, go fóill. Capall lag seadh é, fós dá bhfaigheadh sé biadh maith dhéanfadh sé an obair: d'aindeóin sin. Caithfeam fanacht sara dtosnuigheamh, tá fear eile fós uainn: fear breise. Dá mbéid do thabharfá dho theastóchadh a thuilleadh fós a's fós uaidh. Is fada go bhfágfad-sa an áit seo bead annso fós agus fós eile: ar feadh i bhfad. Nár mhór an ragairne do rug ar an mbaile mór ortha go rabhadar ann fós ar maidin lár n-a bháireach: go dtí san dá fhaid é. Déanfaidh san fear maith fós má tá feádhanna aite féin anois fé: i gcionn aimsire. Éist fós liom: tá a thuilleadh nár chualais go dtí so lé n-innsint agam duit. "Déanfad fós é" – "ná bíodh fós ort, ach é do dhéanamh lom láithreach anois": cuir uaim rud do chur ar an méir fhada. An mbíonn an sean-ghalar ag gabháil díot fós?: go cómhnaidhtheach. Árduigh fós an solas: tamall eile: beagán. Tá mo chorp goirtighthe a dhóthain, ach is measa fós mo cheann: is mó go mór gortughadh mo chinn. Bhí na hÉireannaigh 'n-a bpágánachaibh fós ar theacht Phádraig: ar an am san.

fosaidheacht: *b.3.* ainmhidhthe ag inbhear a's aire dhá thabhairt dóibh mar bheadh in aice barraidhe. Beir an capall ag fosaidheacht i ndígeachaibh ghuirt na bprátaidhe: ag itheadh an fhéir a's na prátaidhe do chosaint air. Ná bí ag fosaidheacht lé pé rud atá ar

t'aigne, scaoil amach: "ag baint bhoghaisinidhe" air: ag giobaireacht air. Cad a bhíonn uait ag fosaidheacht tímcheall an tighe seo chómh minic, cá bhfuil do ghnóth ná do chúram?: ag boladhghail tímcheall: ag gabháil tímcheall mar bheadh ag faire ar chao rud éigin d'árdach leis. Scolfartach ocrach a bhíos ag fosaidheacht ó thigh go tigh: ag tnúth lé biadh a's ghá itheadh nuair gheóbhadh é. Is cuma dhuit agus is lugha is cuma leat faic mar gheall ar connus bheidh an tigh seo ach tú féin d'imtheacht ag fosaidheacht: imtheacht i bhfos a's thall go díomhaoin ag cómhchainnt le gach bod an bhóthair.

fosaoid: *b.2.* suathadh aigne, corruightheacht, anamhóin, lasántacht. Beir fada ar gach aonnidh, is amhlaidh is fearr do thiocfair as a's gan oiread fosaoide do bheith ort: anaithe deabhaidh: anamhóin: dul trí chéile aigne. D'fhágas an chathair amach a's tá deireadh agam innte, tá a fosaoid ró-mhaith dhom: an suathadh: an dul trí chéile. Duine beag, miotalach a's ní túisce raghfá thar doras chuige ag ceannach aon ruda go dtagann fosaoid air ná feadair sé cad bhíonn ar siubhal aige: bíonn a inchinn corruighthe. Ró-fhorasta, ró-fhódamhail is beag mairg do chuireann fosaoid an tsaoghail air: an suathadh a's an anamhóin do bheireann ar na daoinbh. Chuir briseadh amach an chogaidh seo fosaoid mhór ar an saoghal: corruighe inntine. Is air do tháinig an fhosaoid ar chlos do gur bhuaidh sé míle púnt, chrom ar gach aon léim san aer lé háthas: tháinig girréis croidhe air. Ciúnuigh tú féin, ní gábhadh leath na fosaoide, nuair chloisir a bhfuil lé rádh leat ní thaidhbhseochaidh leath chómh holc duit: níl call lé bheith trí chéile: suaidhte.

fosaoideach: *a.* anmhóineach, suaidhte, bainte, corruighthe. Rith sé ag triall ar chabhair go fosaoideach don té a bhí dhá bháthadh, ní mór go raibh a fhios aige cad a bhí dhá dhéanamh aige: anmhóineach: i ndeireadh an anama lé suathadh aigne. Ag caitheamh na bhfigiúiridhe sin ar a chéile ná bí fosaoideach ar eagla dearmhad do dhéanamh beir fada, réidh air: ná bíodh fotharaga ná deabhadh ort. B'fhosaoideach leó é chun labhartha mar dá dtagtí treasna air ní fios d'aonne cad déarfadh sé: ró-chorruightheach: furaiste do bhaint dá threóir. Ar éirghe don dtaoiseach chun labhartha ar an gcogadh sa Dáil bhí na teachtaidhe dála go léir go fosaoideach: cuid aca ag cainnt go hanamamhail, cuid aca ag bualadh bas, etc., corruighthe: suaidhte: trí chéile.

foscach: *b.2.* áit chluthair, scáthmhar, fothain. Claidhe mór árd a dhein foscach ar an sín dúinn: cosaint. Gan foscach ná deaghchlúid dob éigean dom an stoirm ar fad d'fhoidhneamh gur ghaibh ghom léasadh go fíochmhar: áit go raghainn ar scáth uaithe. I mbailtibh móra i líomatáiste an chogaidh tá foscaigh déanta go dteichfeadh na daoine ionta lé linn aer-ionsaidhthe: áiteacha cosantacha, scartacha. I dtíorthaibh teó bíonn an ghrian chómh láidir amanna den ló go gcaitheann na daoine dul i bhfoscach crann a's rudaidhe fionnfhuara eile uaithe: scáth crann. Foscach maith an gleann san do thigh: áit chluthair.

foscach: *a.* scáthmhar, cosantach, fothaineamhail. Aduigh do theine in áit éigin níos foscaighe ná i lár an lanntáin, cois puirt nó claidhe nó carraige: is fothaineamhla: ná beidh corruighe gaoithe uirthe. Connus bheadh tigh ar árdán foscach!: fothaineamhail: cosanta ar an sín. Níl aon áit is foscaighe lé linn aer-ionsaidhthe ach go daingean fé thalamh: is sábhálta. Thángamair ar an dtaobh foscach den oileán ón ngála d'fhonn a's ná beadh

bualadh a's tuargaint gaoithe a's farraige orainn: ar thaobh na fothana. Áit fhoscach ón ngréin bheith fén gcrann so: scáthmhar: gan bualadh na gréine.

foscadh: *f.1.* do chosaint, do chlutharughadh, áit scáthmhar, dídean, scairt. B'éigean do n-a raibh ar an sráid teicheadh isteach sa tighthibh ón scríb ar a bhfoscadh: ar a scáthadh féin. Budh cheart foscadh, saghas éigin bótháin, do thógaint dos na fearaibh oibre chun dulta ann ón sín nó chun a gcoda do chaitheamh nuair ná beadh an uain oireamhnach lasmuigh: dídean: áit a thabharfadh cosaint. B'é an truagh an t-oileán do bheith chómh scéirdeamhail, budh bhreágh an áit é chun maireachtainte ann mara mbeadh ceal foscaidh do bheith air: gan fothain ar bith: é fé léith gach síne. Níor mhaith liom bheith ag brath ort chun foscaidh do dhéanamh dom, dá mbeadh an choir orm: mé do choimeád i bhfolach ón dtóir. Tabhair suas é, tá an fear i bhfoscadh an bháis, nách shin iad na súile iompuighthe 'n-a cheann: scamall an bháis air.

foscailt: *b.2.* $_{7}$ *3.* scoilt, ar leathadh, beárna, slighe, poll, (do) scaoileadh, léiriughadh, míniughadh, (do) theacht i radharc, (do) thosnughadh, (do) scaradh, (do) dheighilt. Tá foscailt ar an ndoras (cófra, etc.): slighe áirighthe chun glais nó greamuighthe nó cómhlann do scaoileadh nó do bhogadh, nó is an-dheacair san do dhéanamh. Lé gealadh an lae díreach bhí béal an chuain ag foscailt orainn: ag teacht inár radharc. Dall, dorcha do bhíos ar an gcúrsa gur chuala uait-se connus mar thárla is mór an fhoscailt atá tugtha agat dom: míniughadh: léiriughadh. An tseachtmhain seo beidh bóthar dhá fhoscailt a raghaidh treasna an chnuic: dhá thosnughadh. Mochóirghe éachtach é, ní bhíonn aon fhoscailt ar an lá nuair éirigheann sé: aon bhreacadh: aon teasbánadh. Carraig chruaidh, ghlas ná raibh oiread agus foscailt innte go raghadh faobhar díngce i gceangal innte: scoilt, méiscre. Ar fhoscailt mo shúl dom chonnac go raibh an lá bán gléigeal ann: ar scughadh na nduilleóg díobh. Bíodh foscailt id chuid cainnte a's tuigim i gceart an nidh atá ar maoith agat: bí i ndáiríribh: neambalbh: díreach. San bhfoscailt idir an chomhla agus an ursa bhí siolla gaoithe teacht: an scar: an deighilt. Ar deineadh aon fhoscailt fós ar an ndlighe úd a bhí le bheith eatartha?: tosnughadh: ar cuireadh ar siubhal í? Ag foscailt an tseóil ar an mbád d'imthigh an siota uaim: ghá leathadh lé gaoith. Tá stabhanna an tsoithigh ag foscailt a's beidh a bhfuil ann ag sileadh: ag scaradh ó chéile. Dar fiadh, tá foscailt ge 'n-a chosaibh: tá cuid mhór de "scoiltighthe": cosa an-fhada fé. Ní bhfaghfá thoir ná thall é, níl aon fhoscailt ann: aon tabhairt amach: neamhchainnteach, cruinn. Dá bhfaghainn foscailt dá luighead do dhéanfainn beart éigin, olc nó maith: aon chao. Ag foscailt a chasóige dho do strac sé na cnaipidhe aiste: ag baint an ghreama dhi.

foscailte: *a.r.* leathta amach, tosnuighthe, dí-ghreamuighthe, scaoilte, scartha, deighilte: bog, díreach, réadhchúiseach. Nuair labhrann sé is go foscailte neamheaglach é: glanrúnda: an rud a bhíos ar maoith aige amach leis. Duine ró-fhoscailte, a's ní thaithnigheann cuid dá ráidhtibh lé daoinibh: duine ná ceileann a smaointe. Tigh ró-fhoscailte é seo, ní fhéadfadh faic do bheith agat i ngan fhios d'aonne: poiblidhe: líon tighe ann atá béal-scaoilteach. Cuan ró-fhoscailte ná fuil sábhálta i ndrochaimsir: gan fothain, gan fascadh. An té go mbíonn an croidhe foscailte aige is furaist aithint é: an croidhe mór, fial. Budh cheart gan bheith chómh foscailte ort féin a's gan fios do chúraimidhe do leigeant lé haonne: neamh-aireach. Sin é an cúrsa chómh foscailte agam a's tá ar mo chumas: mionuighthe, mínighthe. A ngéaga foscailte aca ghár

bhfáiltiughadh: sínte amach lé deaghchroidhe. Dá mbeadh do shúile foscailte dhuit-se dhéanfadh sé maith na bruinne dhuit, ní bheifeá id theallaire mar taoi: dá ndeintí rud éigin leat a mhúinfeadh ceacht duit nó a thabharfadh cuid ded mheabhair duit, b'fhearrde thu é. "Annsan do chuir Sanbalat a shearbhfhóghantaidhe chugham ar an módh gcéadna an cúigeamhadh huair lé leitir fhoscailte 'n-a láimh" (Neh. VI. 5): gan dúnadh ná fáscadh uirthe.

foscailteach: *a.* leathtach, scaoilteach, laimhthighiseach, boigéiseach, fial, dílis, comhthrom, saonta. Daoine foscailteacha a thabharfadh an léine dá ndrom do naoidhe an ghádhtair: breághtha, boga, fiala. Fuinneóg fhoscailteach í sin mar ná fuil an greim cóir uirthe: ar tí leathadh amach aon uair. Is beag do ghnóth ameasc na n-alfraitsidhe úd mar táir ró-fhoscailteach dóibh: saonta: claon lé t'aigne do thabhairt dóibh. Dein minic air chun maitheasa do dhéanamh duit a's gheóbhair amach ná fuil sé chómh foscailteach fé n-a chuid a's thaidhbhsigheann sé: chómh bog, so-scartha, laimhthighiseach. Tigh foscailteach nár heitigheadh ná nár héaradh duine riamh ann: fáilteach, fial.

foscailteacht: *b.3.* féile, laimhthighiseacht, flúirse, cead aoir, tabhairt amach, fonn ranna a's coidrimh. Fuaireas ná raibh aon fhoscailteacht ann a's níor mhaith liom dánaidheacht chainnte do dhéanamh air: fonn bheith cuideachtamhail ná cainnteach. B'fhuraiste dul chun cainnte leis siúd ar aon rud a bhaineas leis mar is ann a bhí an fhoscailteacht: fusacht a's fonn a inntine do thabhairt uaidh. An fhoscailteacht thar fóir a tugadh dom uatha, chuir sé iongadh ar lár mo chroidhe istigh a fhéile a's bhíodar liom: an fáiltiughadh agus an tso-chroidheacht mhór. A thuilleadh foscailteachta ar an scéal ní fhéadfainn do thabhairt uaim mar sin a bhfuil ar eólas agam: a thuilleadh léirighthe. Fág foscailteacht gen éan sa bhosca nó múchfar é: slighe nó poll chun an aoir do tharrac. B'fhearr an síol san dá mbeadh a thuilleadh foscailteachta aige tá sé ró-thiugh ar a chéile: dá mbeadh níos fánaighe. Dar ndóigh is cuma leis an ngealtán san, deineann sé gach nidh i bhfoscailteacht: os chómhair gach neach: gan cheilt. Foscailteacht do bhrollaigh san aimsir nimhnigh seo a thug fuacht duit: ceal a bheith clúduighthe. Foscailteacht na dúthaighe budh bhun lé sinn do bheith fé léith ghunnaidhe na namhad: í do bheith réidh íseal lom ó scairt nó ó fhoscadh. Foscailteacht croidhe: mór-thabhairt.

foscal: *f.1.* foiscealach, beartán, osclán. "Tá t'fhoscal agat a bhuachaill", ars an bhean leis an sionnach nuair chonnaic sé a cearc ag imtheacht aige. Foscal leabhar, té, siúicre, etc.: beart beag. Ní raibh riamh in aon áit go dtiocfadh follamh gan a fhoscal aige: roinnt: a chuid d'aon rud a bheadh ag imtheacht.

fosclaim: *b.a.* leathaim, scaoilim, dí-ghreamuighim, scaraim ó chéile. Foscail do chosa: scar ó chéile iad. D'fhoscail na spéartha: leathadar amach: tháinig duartan uathbhásach báistighe. "Agus adubhradar san eatartha féin, an é ná rabhadar ár gcroidhthe ar lasadh ionainn an feadh do bhí sé ag labhairt linn ar an tslighe, agus an t-am d'fhoscail sé dhúinn na scriptiúiridhe" (Lúcás XXIV. 32): leath amach iad mínighthe. "D'fhoscail an talamh is do shloig sé Dátan agus d'fholuigh sé cóimhthionól Aibíriam" (Sailm CVI. 17): rinne sé méiscre mór ann. Ar shroichstint bharr an chnuic dom d'fhoscail an dúthaigh faid mo radhairc fé léith mo shúl: bhí sé scartha, leathta amach. D'fhoscail sí a géaga a's chrom ar a ngreadadh lé cumha: leath sí amach iad. Fosclóchaidh an cúrsa fós ort, beir foidhneach

air, ní fuláir ná fuil sé chómh dian san: gealfaidh an nidh a thaidhbhsigheas deacair, doiléir. Buail agus fosclófar duit: scaoilfear isteach thú: éistfear leat. Foscladh ar an gcorp go bhfaighfí amach cad budh chúis mharbhtha don duine: gearradh air agus deineadh féachadh iar-bháis air. Fosclóchad mo chroidhe chómh maith a's dá mbudh don sagairt i bhfaoisdin é: inneósad duit an uile rud. Fosclann mo chroidhe (orm) nuair chloisim do ghuth bhinn: tagann áthas air agus gealann sé. Foscail amach an t-éadach cláir i gcóir an bhídh: leath amach é: scar ó chéile é.

fosta: *f.4.* an cuaille deiridh a cuirtear 'n-a sheasamh i mbád nó i luing mar a mbíonn an stiúir. Ó shaidhmin go fosta ó n-a fíor-thosach mar a dtagann na plainnc le chéile siar amach go cuaille na stiúrach. Na fostaidhe fiacal atá aige stracfaidís an diabhal féin as a chéile: fiacla fada, reamhra, láidre.

fostacht: *b.3.* daingneacht, tacaidheacht. Gach bollta copair innte bhíodar curtha i bhfostacht gur dheacair a mbogadh nó a gcur i ndiaidh a gcúil: go daingean, do-ghluaiste. An Ghearmáin agus an Fhrainnc mar an gcéadna ag brath ar fhostacht a línte teórann chun a gcosanta: a neart: a dtacaidheacht. D'imthigh an fhostacht leis an aois as a chéim: an stóinsightheacht lé n-a siubhaladh sé. A chuid airgid i bhfostacht sa bhannc aige: in áit shábhálta.

fostadhach: *f.1.* fear ar fostadh, ar a phágh lae, cúlaistín, barránach. Fostadhach maith do féin é sin, níl aon rud ar sileadh leis: barránach, buachaill glic, aireach. Faigh duine éigin eile in ionad mar fhostadhach ní bheinn-se im mhaidrín lathaighe agat: duine a dhéanfadh gnóthaidhe suaracha. Beann madra níl agam air féin ná ar a chuid fostadhach, an dóigh leis go gcuirfidh faitchíos orm lé n-a ghraimrisc: cúlaistínidhe, lucht leanamhna táir. I dtosach an fhóghmhair bíonn scataidhe fostadhach ar chúinne na sráide ag brath ar fheirmeóiridhibh: fir oireamhnach lé dul ar thuarasdal lae. Fág mo radharc, níl ionat ach fostadhach: scraiste: duine gan mhaith. Is oth liom a rádh leat go bhfuil fostadhach breágh, slachtmhar ag déanamh ded gharsún, a's gur chóir dhuit smacht do chur air nó go dtabharfaidh ceól fós duit: teallaire clódhchaiseach a dhéanfaidh buadhairt duit.

fostuighim: *b.a.* tógaim in adhmanas, daingnighim, coingbhighim, coiscim, bailighim (chun). Fostuigh chughat go cúramach id phóca na billidhe sin ar eagla go gcaillteá iad: cuir chughat ó bhaoghal é. Fostuigheadh fiche fear chun an tighe do thógaint: gnóthuigheadh ar feadh sealaid ar thuarasdal áirighthe. "Doirtid siad ór go fairsing as an mála agus comhthromaid airgead ins an meádh, agus fostuighid ceárd óir, agus do ghní sé dia dhe sin, umhluighid siad síos, adhraid fós" (Isaiah XLVI. 6): tugaid adhmanas sealadach do ar thuarasdal. Ní go ró-mhaith d'fhostuighis an doras tar oidhche, bhí sé ar dearg-leathadh indiugh: dhaingnighis. Fostuigheadh gárdaidhe nuadh lé déidheannaighe go dtugtar "An Taca" ortha: bailigheadh a's tógadh isteach sa bhfórsa iad. Fonn an domhain a bhí air fágaint ach d'fhostuigheas air gan, ghá rádh leis nár mhaith dho é: d'áitigheas air fanacht.

fostuighthe: *a.r.* tógtha ar tuarasdal: ceangailte, daingnighthe, coingbhighthe. Táim fostuighthe aige ar feadh bliadhna: tógtha chun oibre ar thuarasdal ainmnighthe. B'í sin an long a bhí fostuighthe chun airm do bhreith go hÉirinn fé choim: do tógadh ar cor. "Is

oth liom nách féidir liom oibriughadh dhuit," ars an t-atúrnae, táim fostuighthe cheana sa chás chéadna: curtha in áirighthe. An bhfuil suidheacháin fostuighthe agat i gcóir an dráma?: curtha in áirighthe: tuicéadaidhe fachta agat. Tá an long fostuighthe sábhálta ar a leabaidh ancaire: feistighthe: ancairidhe caithte aice.

foth: *sa rádh* 'Foth' feath, cad tá oraibh ná fanfadh socair: anois féach. Foth feath, ná buail an duine bocht nó marbhóchair é: dar fiadh ná dein. Foth feath orm-sa, mhuis, go bhfuil deireadh agam: dar so súd.

fothain: (**foithin**) *b.3.* dídean, cosaint, clúdach, cluthairt, scáth. Tair ar thaobh na gaoithe dhíom a's dein fothain dom ar an (ón) bhfuacht: cosaint. Ní bhíonn fothain in aon éadach mar éadach olna: coimeád amach fuachta. Tagaidh i bhfothain a chéile, ná bídh scaipightheach mar sin: i bhfochair a chéile. Níor mhaith liom aon rún do bheith agat orm, níl aon fhothain ionat mar bheadh i nduine eile: aon choimeád rúin. Casóg mhór, throm, thaithigeach go bhfuil fothain a's fascadh innte: dídean ar fhuacht agus cluthaireacht. Tair im fhothain: tair im aice go mbeimíd níos teólaidhe dá bharr. Is mór an truagh daoine ag rith chun fothana nuair cloistear dórd na n-eiteallán sa spéir: chun dídin: áit shábhálta. Ag déanamh fothana ar mo thigh i gcóir an gheimhridh: ghá chur i bhfearas ionnas ná beadh fuacht ná sín ag luighe orm ann. Fothain fill duit a leigeant ort do bheith báidheamhail liom a's an t-olc id chroidhe duit: clúdach chun an fhill do cheilt. Raghad i bhfothain mo lín tighe féin, is ortha is mó tá mo bhuannacht: ag brath ortha. Bead-sa ag cainnt leis dot fhothain faid bheir-se ag goid, d'fhonn a's ná tógfaidh sé ceann díot: ghot scáthadh. Ar an saghas fothana atá ort – an t-éadach lom, tanaidhe sin – raghaidh an t-éag ionat: culaithirt. Dheineadar é do mharbhadh i bhfothain a chéile: ceilt ag gach duine aca ar an gcuid eile. Dearbhuigh go bhfuil fothain oidhche sa chuilt sin: dídean ón bhfuacht a's seascaireacht.

fothaineamhail: (**foithineamhail**) *a.* dídeanta, clúduightheach, scáthmhar, cosantach, seascair, rúnda. Bí fothaineamhail ná bíodh do scéal ar do ghob agat leis gach aonne: coimeád do rún. Choimeádar a bpósadh fothaineamhail go leór lé deich mbliadhna: fé cheilt. Éadach fothaineamhail an chulaith sin ar an dtathnag atá innte: cosaint fuachta. Cladhthacha fothaineamhla ar gach gort leis gur féidir lé hainmhidhthibh maireachtaint go seascair amuigh sa gheimhreadh aca: go bhfuil cosaint fuachta a's síne ionta. Cá bhfaghainn áit níos fothaineamhla 'ná cúinne na teine: is lugha fuacht agus is seascaire. Nead neamh-fhothaineamhail go bhfuil a béal leis an spéir: gan cosaint ar bith ón sín.

fothanaim: (**fothanuighim**) *b.a.* dídeanuighim, cosnaim, clúduighim, ceilim. Fothain (fothanuigh) me, táthar ar mo thóir, ná leig dóibh breith orm: cuir fé cheilt in áit éigin me: cumhduigh me: tabhair dídean dom. Is minic agus is lán-mhinic d'fhothanuigheas tu a's gan luid ort ná agat a's b'olc an díol san ort: do chuireas clúid (éadach) ort, agus do thugas biadh a's deoch a's oisteas duit. Fothanuigh tu féin leis an éadach leapan: cas umat é i slighe a's ná beidh fuacht ort. Fear dá raibh ar a theicheadh ní fhothanóchadh sé, nár do-chroidheach an caonaidhe é: ní thabharfadh cosaint do: ní thabharfadh sé bheith istigh ó spéir na hoidhche dho. Fothanóchad-sa an fheirm, mar cuirfead crainn 'n-a teórainn: coiscfead an tsín ar bheith ghá léasadh. An réice bocht is iomdha duine a fhothain é: thug oisteas oidhche dho, éadach a's gannaidhe eile. "Fothanócham annso" ars an captaen, "ar

scáth an oileáin": ragham fé n-a dídean ón stoirm. Fothanuigh tú féin, táir go léir leis: socruigh do chuid éadaigh ort.

fotharaga: *f.4.* dul trí chéile, deabhadh, fústar, grithileán, fuirseadh. Leis an bhfotharaga a bhí orm ag tiargabháil i gcóir an bhóthair dhearmhadas mo thuicéad taistil: an deabhadh a's an dul trí chéile. An fóghmhar aimsir an fhotharaga gen bhfeirmeóir, gnóthaidhe ag dalladh na súl ann: bíonn sé ar séirse, chómh luath agus bhíonn rud déanta aige bíonn rud eile ag feitheamh leis. Ná bíodh aon fhotharaga anois ort, dein do ghnóth go mall, cúramach: deabhadh thar meón. Is mó é t'fhotharaga 'ná t'obair: bíonn fuadar an tsaoghail fút gan puinn do dhéanamh. Chuir an tarbh fiadhain fotharaga as an ngort orm: deabhadh mo chroidhe: scriosas chómh mear agus bhí im chosaibh. Fan liom go mbeam in aonfheacht, cuir uait an fotharaga: deabhadh mór gan adhbhar. Cuirfead-sa fotharaga ort-sa ón dtigh seo má bhír ag teacht ag suirghe lém inghin!: teann deabhaidh ag imtheacht ort. Nuair dheineann duine botún lé hiomad deabhaidh deirtear, "an fotharaga a dhein é sin duit".

fotharagach: *a.* deabhfrach, greithileánach. Áit fhotharagach seadh cathair mhór, go mór-mhór d'fhear tuaithe, ní bhíonn ar a shocracht innte: greithileánach: dul trí chéile. D'iarraidh breith ar an dtraen go fotharagach: siubhal nimhe agus saothar deabhaidh lé faitchíos go mbeadh déidheannach. Feairín fotharagach seadh é ná deineann aon rud 'n-a cheart: deabhfrach, deifreach: gan eaga do ghlacadh. Ar éirghe don mhíol mhór ag deireadh an bháid do rámhamair go fotharagach: go mear saothrach. An abha fhotharagach chnuic: ag rith a's ag léimeadh leis an bhfánaidh. Daoine fotharagacha na cathrach, ná leigeann deabhadh dóibh cainntiughadh a chéile: i gcómhnaidhe ar séirse: ag gluaiseacht mar bheadh sluagh seangán.

fotharagacht: *b.3.* deabhfracht, séirse, fuirse, greithileán. Lé fotharagacht ní leigeann sé don mbiadh tuiteam aige ach mar bhíonn ar siubhal airís: suaidhteacht aigne chun gnótha: neamh-stuidéar. Lé fotharagacht ag dul treasna na sráide níor fhéach an mbeadh aon rud ag déanamh air gur bhuail gluaisteán é a's léirigh amach ar an sráid: fuirse siubhail ag triall. Baineann fotharagacht na cathrach mo mheabhair díom - an fuirse siubhail, an glór go léir: an séirse: caithréim: greitheal a's gleódh.

fothrach: *b.2.* bathalach, creatlach (tighe etc.). Beidh fothracha i Sasana tréis an aer-ionsaidhthe seo: tighthe leagtha ar lár. Níl ann ach fothrach anois ó neamhshuim ann ólachan a's troscaidhe: bathalach: imthighthe chun aindeise a's drochshláinte. Má leanaim an cogadh so air aon fhaid agus an fuadar atá fútha ag árdughadh luach gach aonnidh is baoghalach go mbeidh fothracha follamha ag bochtánaibh: tighthe gan faic lé n-itheadh ionta. Ó, is diail an fhothrach fir é: fear mór groidhe lom, caithte. As mo bhealach, a fhothrach: duine toirteamhail gan puinn maitheasa.

fothraigh: *b.2.* nighe: glanadh trí thumadh, tumadh. Lé fórsa cuireadh 'on bhfothraigh é tréis dul isteach 'on ósbuidéal do, ní raibh aon chion ar uisce aige: drabhlach nó iomar nighte. Fuacht do bháis go dtugair as t'fhothraigh maran ort atá an doicheall léd chneas do ghlanadh: as do thumadh a's do nighe. Seómra fothraighe: go mbíonn iomar nigheacháin nó tonnacháin don duine féin ann.

fothrom: (**fothram, fothrum**) *f.1.* formán, glór dian, trom, callán, gláimh, tuargaint, troist, siansa, gleódh, buinne. Chuala sé chuige an fothrom i lár na hoidhche a's luigh isteach i bhfothain an chlaidhe chun pé rud budh bhun leis do leigeant tharais: glór mór. Is mór go léir an fear gleóidh thu, ní fhéadfá bheith in aon áit gan fothrom do dhéanamh, tá daoine bodhar agat: glór árd. I gcoim gleanna lá tóirnighe seadh chloisfeá an fothrom: glór, cnagarnach a's mac alla aige. Beidh fothrom ar an gcruinniughadh mar ná taithnigheann an t-aighneastóir le cuid mhór daoine a's beidh ag feadghail a's ag faidhrigh fé: callán: béiceach. Ná dein a thuilleadh fothruim mar gheall air, tá oiread cainnte déanta cheana a's nách fiú é, díolfad-sa as an ndíoghbháil: a thuilleadh gleóidh. An fothrom a bhí gen sean-bhathalach gluaisteáin sin go bhfuil gach aon mháille léi ar bogadh, dhéanfadh bodhrán díot: fuarmáil: formán: fuaim neambinn do chloisfí i bhfad ó bhaile. Dhúisigh fothrom bróg amach as mo chodladh me: troist: glór trom. Maoluigh an fothrom, cad é an bhroid atá ort?: an deabhadh tar meón. Bhuail sé isteach go hoifig an phuist lé n-a ghearáin a's fothrom fé: a theacht i gcómhchlos dos gach aonne agus a chosamhalacht air nách go mín ná go tláith é. San earrach a's san bhfóghmhar a bhíonn an fothrom oibre fés na feirmeóiridhibh: an greithileán go leanann gleódh a's dul trí chéile é. Cad é an fothrom cainnte é seo fút-sa anois, go bhfuil an scornaghal-bhrághad go léir ort: buinne a's guth árd. Ní fheadair aonne ach an té a bhíos ann cad é an fothrom a bhíos i gcath, glór diabhail na ngunnaidhe móra, pléascadh, feadhghail gunnaidhe beaga, daingin ag tuiteam i ngabhal a chéile, a's scréachach na bhfear: an tuargaint sionsach thar meón. Tá fothrom éigin ort-sa ná fanfá socair: rud éigin ghod chur ag corruighe. Níl aon dul go bhfanfadh leanbhaidhe beaga socair cad dhéanfadh fothrom na hóige a's na sláinte: spreagadh a's corruighe. Bead ar fothrom an uile lá anois gan luighe cos ná lámh liom, bead chómh broideamhail sin: ar dian-ghluaiseacht. Néal chodlata ní leigeann fothrom na gaoithe orm: an glór siansach, millteach a néann sí. Fothrom an diabhail ort ná fanfadh socair!

fraigh: *b.2.* (*iol.* fraghthacha) an boimbéal, na maididhe snadhmtha, an deighilt idir dhá sheómra, an taobh istigh de cheann tighe: na maididhe treasna i gcuibhreach na gcúplaidhe: taobhán. Líon tigh na bpeictiúiridhe de dhaoinibh ó chúil fraigh: ní bhfaigheadh duine eile slighe ann. Cuir anáirde sa fraghthachaibh é go bhfaghair gnóth dhe: ó dhul ag aonne air. Ar an saghas so caithimh ní sheasóchadh fraghthacha aon tighe leis, tá sé ró-dhamanta ar fad: bochtnófí aon tigh. Tairngidh air, is breágh dhíbh é, ná bíodh aon truagh d'fhraghthachaibh an tighe seo: ná cuimhnighidh in ao'chor ar é do chongbháil i bhfóireamh a chéile lé cnuaisciún. "Connus atáthaoi-se go léir an aimsir seo?" – "tá na sean-fhraghthacha os ár gcionn fós ach go háirighthe": ag stracadh linn. Tá na fraghthacha go maith fós aige dá shine é: na sean-chnámha go stóinsighthe.

frainnc: *b.a.* An Fhrainnc, an tír sin. "Teasbáin é sin dom" – "ní hón Spáinn é ach ón bhFrainnc". Lé greann a deirtear so. Muinntir na Frainnce.

fráma: *f.4.* aon rud déanta de mháillidhibh éagsamhla, géag, cuma, clódh, aon rud déanta chun ruda eile do ghabháil ann, ursa, glinne. Fráma don doradha: ceithre blúiridhe adhmaid déanta i bhfeirm cearnóige ar a gcastar an doradha. Nách breágh na frámaidhe atá fén mnaoi sin: géaga líomtha, leabhair. Dhá fhráma an dorais: dhá lidhe (ursain). Faid

a's beidh anál ionat ná faghaim idir fhrámaidhibh mo dhorais tu: ag doirchiughadh mo dhorais: ag teacht i ngaor dom thigh. Bheadh sé 'n-a fhear chómh maith lé haonne aca, ná fuil é i bhfráma a's i bhfeirm chuige: i gclódh: cnámha maithe fé. Tá an bád i bhfráma gen saor: sighinte amach: na príomh-adhmadaidhe leagtha aige. D'imthigh an madra idir mo fhrámaidhibh: trím ghabhal.

franncach: *f.1.* duine a saoghaluightear san bhFrainnc; an t-ainmhidhe an-aithnideamhail. Máire Franncach: bean ón dtír sin gur Máire is ainm di. Bean, fear Franncach. Tá ár dtigh lán de fhranncaigh. Aiteann franncach: aiteann beag, meathaluighthe.

fraoch: *f.1.* craobh mhion. "Sé coigilt na circe fraoich ar an bhfraoigh aige é": ag déanamh cnúisciúin de rud a bhíos ró-iomadamhail: coigilt nó cnuaisciún gan aon deallramh leis. Go Lá an Luain ní fhéadfainn an chuid eile den scéal do bhreith chun mo chuimhnte, tá a fhaid sin ó chuala é ná ó aithriseas é, go bhfuil sé imthighthe sa bhfraoch orm: dulta amugha orm: dulta sa bhféar, sa mhuileann orm. Bí ag lorg an ruda atá imthighthe sa bhfraoch leis na ciantaibh: ar iarraidh a's gan aon dul ar a fhagháil. Ná leig sa bhfraoch é sin anois ar do chluais: díolfair as go daor má chaillir nó má leigir amugha é.

fraoch: *f.1.* fearg, fíoch, buile, guilm, éirghe. Dia linn, nách scannramhail í an fharraige nuair bhíonn fraoch uirthe, ag stialladh 'sag réabadh: borrtha, fiadhain. Cuirfir fraoch air, mar is furaiste cur chuige, ró-lasánta, má bhír ghá ghiobadh: fíoch: báinighe. Tríd an saoghal agus tríd an bhfraoch dá mhéid iomard do rug dá dheóintibh a's dá aindeóin air, tá sé chómh hóigíneach indiugh le fear chúig mbliadhain fichead: trís na beartaibh diana, cruaidhe. Bíonn fraoch fiacal air ag itheadh, a lithéid de chraosaire níor shuidh chun búird riamh: guilm ithte: faobhar nimhe lé dúil ar a chairb. Lá, gan coinne ag aonne leis, d'imthigh sé le fraoch a's báthaidh é féin: reacht díthcéille.

fraochaidhe: *a.* fíochmhar, feargach. An glór fraochaidhe a néann an stoirm ag stialladh ar an gcarraig, ná cloisfeá duine ag poll do chluaise leis: uathbhásach lé haoirde a's le buirbe. Tháinig an ghraimrisc fhraochaidhe ar mbeith ocrach dóibh a's bhriseadar go haon áit gur dhóigh leó go bhfaighidís rud lé n-itheadh: fíochmhar: buile.

fraochán: *f.1.* caor beag a fhásas ar an bhfraoch. Nách meathaluighthe an rud é, níl toirt fraocháin ann: beag, bíognach. Glan as mo radharc, a fhraocháin!: suarachán.

fraoch-mhadra: *f.4.* madra buile, conntabharthach. Seachain tú féin ar an bhfraoch-mhadra san, mar tá sé chómh fiadhain láidir go stracfadh damh as a chéile: maistín uathbhásach i dtoirt a's lé droichmhianach. Ag imtheacht ó thábhairne ar fuaid an bhaile 'n-a fhraoch-mhadra ag cur bruighne ar chách: mar bheadh madra goimh.

fraochmhar: *a.* feargach, fíochmhar, fiadhta, borb. Rinne na heitealláin pléascán, dréir chunntais Shasana, dhá ionsaidhe fhraochmhara ar shuidhe eiteallán leis an nGearmáin d'aindeóin teine na ngunnaidhe aoir gur chuireadar an áit ar barr lasrach: allta: fiadhta: lé neart a's binb. An leómhan fraochmhar ar thóir a chreiche: fiadhain, allta, borb,

dochoisce. An ghaoth ’san fharraige fhraochmhar ghá stialladh, ghá tuargaint, ghá caitheamh ar nós an chuirc: ró-bhorb, ró-antréan.

fraochta: *a. n-dh.* buileamhail, feargach. Chluicheadar an tarbh fé dheóidh i gcúinne den aonach le madraidhibh a’s cabhair fhear, a’s bhí sé chómh fraochta san aca, é ag smúsghal, púic fhiadhain air, é “ag baint phréach” ná leigfeadh eagla do neach dul ’n-a ghoire: dulta le buile ar fad. Tréis ghála na hoidhche airéir tá an mhuir fraochta indiugh: borrtha, briste, garbh, fiadhain. Bead-sa fraochta agat-sa léd ghliog gleag a’s giobaireacht sara stadfair: ar buile: cuirfir glan as mo mheabhair me.

fraochtacht: *b.3.* buile, fearg, buirbe. Chuir an t-ocras a’s an aindeise a’s an fuacht lé fraochtacht iad amuigh ar an lic oighir ná fuilngeóchaidís cúis ghearáin ó chéile: mire céille. Is minic minic d’imthigh saighdiúiridhe glan ar fad ar báinighe le fraochtacht catha: lé méid an ghlóir, dásacht chun marbhtha, ’san t-éirleach ar fad ’n-a dtimcheall. Fear gan fulang na rothag dob eadh é a’s níl dearmhad dá ndeininn ná dubhadh a’s ghormuigheadh aige a’s bhíodh dhá thachtadh lé fraochtacht chugham: fearg thar fóir: imthigh bán, geal gléigeal le dásacht.

fras: *f.3.* (*iol.* frasa) streanncán, cioth, tuile. Scaoil chughainn fras ceóil go rinnceam: streanncán: ádhbhar mear, anamamhail. Lé truagh dhuit, tagann frasa deór liom im uath san oidhche: tuilte deór: goilim go ciúin, fuidheach. A déad mar fras néamhann caithte ’n-a béal: mar bheadh mám mór díobh go neamhthuiseach. Buaileadh le buile fraochta me i ndroichead na srón gur rith frasa fola liom ar mo bhrollach: “bóithre” fola: srutháin fhlúirseacha fola ag teacht go mear.

fras: *a.* mear, lúthmhar, tiugh, flúirseach, líomhtha, éascaidh. Is mór an smacht atá aice air go léimeann go fras a’s ná bíonn an dara rádh air nuair órduigheann do aonnidh do dhéanamh di: mear, féicheamhanta. Beidh toradh fras san ubhallúird ambliadhna ge breághthacht na haimsire, gach crann cromtha leó: flúirseach, tiugh, iomadamhail. Bír ró-fhras léd chuid airgid, ghá chaitheamh ar gach aonne, beidh a rian air lá éigin, beidh ceal ort: ró-bhog, ró-rabairneach. Cainnteóir fras é nár airigheas riamh ag stad chun cuimhneamh ar cad bheadh lé rádh aige: líomhtha: an úrlabhra ar a chur aige. Chómh luath a’s fuair an dá chabhlach namhad amharc ar a chéile ní teicheadh do dheineadar ach a chéile d’ionsaidhe go fras: go tapaidh, fonnmhar. Sin biadh go fras fairsing agaibh: go raidhseamhail agus cead a chaithte agaibh mar is áil libh féin é.

frasach: *a.* flúirseach (fé), líomhtha, torach, raidhseamhail. Aimsir fhrasach is gnáthaighe san Abrán: ceathach. Samhaircínidhe a’s salchuach go frasach ar gach claidhe san Abrán go dtógfadh a n-amharc do chroidhe lé n-a ndathamhlacht: flúirseach. Mo shúile go frasach beidh lé cumha: deórach. Tagann cainnt go frasach air, ar nós uisce na habhann: go líomhtha, réidh, gan aon duadh ar an dtalamh so.

frasadh: *f.* (*-sta*) caitheamh, tabhairt. Ag frasadh deór: ag gol go flúirseach. An dá arm thoirmisc ag frasadh piléar gan lag i rith na hoidhche: brúchtanna piléar aca.

freagairt: *b.3.* réidhteach, coimheacht tur, labhairt nó scríobh thar n-ais ar cheist, ar ghlaodhach, chómhrádh, argóint, chúis etc., oireamhnacht, teacht lé chéile. Is fada go raibh an lanamha san ag freagairt dá chéile ag imreas, sag achrann, agus ós fearr scaoileadh maith ná drochphósadh do scaradar: ní rabhadar ag oireamhaint dá chéile. Seo eochair ná fuil ag freagairt don nglas a's ní osclóchaidh choidhche é: ná fuil oireamhnach. Uaireannta ní bhíonn an peann-so ag freagairt go ró-mhaith dom a's scríghim go breallach léi: ní ghéilleann sí dhom. Is maith bhíonn beirt bhitheamhnach cearta ag freagairt dá chéile: is maith iad i gcuideachtain a chéile a's ar lorg a ngairme. Ghlaodhas go hárd a's go fada air a's ná raibh sé ag freagairt sé tátall do bhaineas as ná raibh sé ann: ag tabhairt tuir orm: ag labhairt nó ag glaodhach ar ais. Neamhfhreagairt an bháid don stiúir budh bhun le í do dhul ar an bhfochais: neamhghéilleadh. Neamhfhreagairt an ghluaisteáin don roth budh bhun le í do dhul 'on díg: gan í do ghéilleadh don roth nuair casadh í. Thíos ná thuas níor fhág sé ar mhuinntir an bhaile é ghá gcáineadh a's ghá dtarcaisniughadh gan fear a fhreagartha láithreach: duine a thabharfadh tur air: a chuirfeadh a chuid cainnte siar air: a thabharfadh an t-éitheach do. Lé déine an scrúduighthe ní fhéadfainn oiread a's aon cheist amháin do fhreagairt: do réidhteach: do mhíniughadh. An fógra do cuireadh amach chun síntiús d'fhagháil b'olc an fhreagairt do thug na daoine air: fíorbheagán airig a tháinig mar thur ar an iarratas. Ag freagairt thar mo cheann budh mhaith an mhaise uaidh é: ag labhairt ar mo shon a's gan me láithreach: nó ag dul im ionad. Ag freagairt an Aifrinn: ag freastal an tsagairt.

freagarthach: *a.* admhálach, oireamhnach, toilteantach lé seasamh do nó in ionad: bheith fabhrach, féicheamhanta. Talamh freagarthach atá aige, fíor-bheagán leasuighthe is call do: féicheamhanta chun barraidhe do thabhairt: ná teipeann. Caithfidh gach n-aon bheith freagarthach do Dhia 'n-a chorthaibh: beidh air sásamh do thabhairt ionta. Bead-sa freagarthach lé fiachaibh mo dhreathár: díolfad iad. Tógadh na hearraidhe den gconntabhairt a's ní bhfaighfí aonne freagarthach ionta: admhálach: a déarfadh gur bh'é féin budh chionntach. Ghlaodhas air, bhí sé árd-fhreagarthach: thug sé tur orm gan mhoill: níor chall glaodhach airís air. Sin hata atá an-fhreagarthach dod chulaith nuadh: tagann di go maith: réidhtigheann na dathanna lé chéile. Bíd ag obair i bhfochair a chéile gan duine aca do bheith freagarthach don nduine eile: gan air bheith fé n-a órdughadh: neamhspleádhach air. Budh bheag an mhaith seól do chur ar an mbád, mar ná raibh an ghaoth freagarthach fabhrach: ag séideadh as treó go ndeineadh sí cabhair dúinn. Cad tá ar an iasc indiugh ná fuil sé freagarthach, a phus níor bhuail ar mo bhaoite: níl aon tur aca air. Seo dhuit ar iasacht é seo agus cuimhnigh má imthightheann aon mhísheól air gur mise chaithfidh bheith freagarthach, mar nách liom é: a chaithfidh cúiteamh do thabhairt.

freagarthacht: *b.3.* admháltacht, éascaidheacht chun tuir do thabhairt, féicheamhantacht, oireamhnaidheacht. Neamhfhreagarthacht an mhadra san do chuirfeadh fearg ar Pheadar Bagóid, bheifeá ag glaodhach go hoidhche air gan é do theacht: neamhthur, neamhshuim 'n-a dhualgas. Budh gheairrid a bhí fiacha agam air nuair dhíol sé me, chuir a fhreagarthacht sásamh orm: a éascaidheacht: a thapamhlacht a bhí sé ag cóimhlíonadh a dhualgais. Na fiacha do bhí ar an athair do thuit freagarthacht a ndíolta ar an mac: admháltacht: an dualgas a lean iad. Freagarthacht na heochrach don nglas: an tslighe fhuraiste 'n-a n-oireamhnuigheann sí ann.

freagra: *f.4.* tur, labhairt nó scríobh thar n-ais ar cheist, glaodhach, cómhrádh, argóint, cúis nó éileamh: carbhall. Tabhair freagra orm, an tú is bun leis an leitir seo?: innis dom an tu nó nách tu. D'iarras céad phúnt ar iasacht sa bhannc a's ní maith ná cóir é an freagra fuaireas: eitigheadh me. "Más suarach an teachtaire is fuar é an freagra": nuair cuirtear duine, cuir i gcás ógánach, nó duine neamhthábhachtach ar iarraidh ruda tábhachtaigh nó is mór-is-fiú, is cosamhla ná a chéile go dtagann folamh. Ní bheinn i mbun freagra do thabhairt ar aonne ná bíonn fuaimeant leis: b'fhearr liom bheith im thost. Sin é díreach freagra an tsiota ar a mháthair: cainnt ghiorraisc, mhíshéimh. "Beannacht na ngrast lé t'anam" – "go dtugaidh Dia freagra in ullamhacht ort": go mbronnaidh Dia do ghuidhe in am thráth. Cad é an mhaith dhom bheith ag allagar leis, bheadh freagra go maidean aige dhom .i. teanga phras, mharbhthach aige lé tabhairt dom. Ceól breágh agus rinnce maith, idir cheóltóir a's rinnceóir táid ag freagra a chéile: táid an-oireamhnach dá chéile. Thug Séamas cladhaire ar Thómas, freagra Thomáis, a léasadh idir an dá shúil: sin é an díol fuair sé. Dá mbeinn ag cnagadh ar an gconntabhairt ó shoin ní bhfaighinn freagra freastail ón nduirc mná sa tsiopa: ní thiocfadh d'fhéachaint cad a bhí uaim.

freagraim: *b.a. ₇ n-a.* tugaim tur air, oireamhnuighim, bím éascaidh chun cúitimh. Ní fhreagróchaidh na capaill seo a chéile ag treabhadh: ní chuirfid lé chéile mar is ceart. Is ait an rud é, a's is lán-ait ná freagróchaidh bille púint na hÉireann i Sasana dhom: ná déanfaidh cúis: ná glacfair leis. "Do ghnídhtear fleadh chun súgraidh, a's do ghní an fíon duine súgach agus freagrann an t-airgead an uile nidh" (Eccles X. 19): sé an t-airgead chómh aon ruda: is leór é. "Amhail fhreagras aghaidh d'aghaidh ins an uisce, mar sin fhreagras croidhe dhuine do dhuine" (Seanráidhte XXVII. 19): bheith oireamhnach do nuair beirtear i gcomórtas iad. "Agus an t-am bhéarfaid sibh chun na Sionagóg agus na n-uachtarán...ná bíodh 'n-a ró-chúram oraibh connus nó créad fhreagróchaidh sibh nó créad déarfaidh sibh" (Lúcás XII. 11): cad déarfaidh sibh leis na ceisteannaibh a cuirfear oraibh. "Mallacht Dé air mar dhuine" – "ó! nár fhreagraidh Dia thu": nár leigidh Dia go dtuitfeadh t'oirbhire air. Ní fhreagróchad an chúirt in ao'chor, cuirtear fé ghlas me más maith leo: ní raghad innte ar mo thriail. Ní fhreagróchadh sé in ao'chor dom an tigh d'fhágaint táim róchúramach: ní bheadh oireamhnach dom: cur siar orm dob eadh san. Fógradh cath orm a's d'fhreagras cath: chuireas an troid. Cé fhreagair an tAifreann indiugh?: cé dhein freastal Aifrinn ar an sagart. Níor fhreagair aonne (dho) é nuair bhí sé bocht: neach níor thug cabhair do: éimeadh é: séanadh.

fréamh: *b.2.* (*iol.* fréamha, fréacha) rúta, bunaidh, túis, bonn, aicme, pór, sliocht. Strac an ghaoth an crann aníos as a fhréamhachaibh: an chuid de a bhíos sa talamh go géagach. "Óir is é grádh an airgid fréamh an uile olc..." (1. Tim. VI. 10): bun: cúis: túis. Talamh ró-chruaidh ní raghaidh aon fhás i bhfréamh choidhche ann: ní bhfaghaidh greim fé thalamh. Ghoirtigh snáthad an dochtúra isteach go fréamh me: faid isteach agus tá ann. A mhuinntir go léir ó fhréimh bhíodar 'n-a shochraid: gach n-aon aca go raibh braon fola leis ionta. Ó Chorcaigh de fhréimh dob eadh mo mhuinntir: is as a tháinig an chéad duine aca annso. Is maith d'éirigh leis san áit seo, chuir sé a fhréamhacha go maith i dtalamh ann: dhaingnigh sé é féin ann: chuaidh sé chun nirt, saidhbhris nó sleachta ann. Muna mbaintear fiadhaile glan as a fhréamhachaibh fásann airís: gan aon ghreim i dtalamh d'fhágaint aige. Ualaighe i bhfad Éireann róthrom gur stracadar fréamhacha a dhroma: snáithínidhe: féithleóga. Thug sé fréamh an fhocail dom: an bun-rúta: an chiall bhuinn a

bhí leis. Níl aon rud dá ndéarfad leat ná gur féidir liom fréamh do thabhairt leis duit: bun: ciall. Ró-ghalánta dho anois, ó fuair sé aon éirghe sa tsaoghal, imthighthe ó fhréamh ar fad, ná haithneóchadh aonne a bhaineas leis: a dhaoine séanta aige. Ag baint fréamhach toisc ná faghadh sé airgead chun éadaigh: gleódh a's achrann dhá dhéanamh aige lé míoshástacht. An capall ag baint fréamhach ar lorg bídh: ag déanamh mórán cros.

fréamhach: (**fréamhamhail**) *a.* rútaidhe móra fada do bheith ag, ar chuma an rúta, bunuighthe: iomadhamhail. Aicme fréamhach go maith sa dúthaigh go bhfuilid lé fagháil i ngach ceanntar: iomadamhail, daingnithe fútha go láidir, líonmhar. Bíonn an crann árd-fhréamhach: a fhréamhacha nó a rútaidhe ag síneadh síos go doimhin agus amach fén dtalamh i ngach treó.

fréamhughadh: *f.* (*-uighthe*) do ghlacadh greama sa thalamh, (do) dhaingniughadh; do dhul ar bun; d'eascar, do shíolrughadh. Raghaidh an lá in olcas, tá sé ag fréamhughadh thiar ag bun na spéarach: tulcaidhe agus bróin ag bailiughadh ann, cómhartha drochaimsire. Ag fréamhughadh atá an oidhche: ag dul ar bun: ag cruinneáilt scamall bhagarthach. An dream óg atá ag fréamhughadh anois táid tugtha go mór do rinnce a's do shúgradh: ag éirghe suas. In ionad maoluighthe do dhul air is ag fréamhughadh chugham do bhí sé d'aindeóin a ndeárna de chómhairleach air: ag éirghe chugham go feargach. Na bláthanna ag fréamhughadh im gháirdín: ag fás a's ag eascar. Ag fréamhughadh ann atá an aicíd, is measa go mór indiugh é 'ná cheana: ag dul i gceangal.

fréamhuighim: *b.a.* ₇ *n-a.* eascaraim, téighim in iomadamhlacht: síolruighim ó, daingnighim. Innsidh dom cad as gur fhréamhuigh an seanleabhar so: cad as go dtáinig. Ná fiafruigh cad as gur fhréamhuigh ach ith é: connus do shroich sé sinn: connus ná cá bhfuairtheas. Ar an ainm is aite dá gcuala riamh in Éirinn, an bhféadfadh aonne a innsint dom cár fhréamhuigh sí: cad as di ó thúis. Ar dtúis ní raibh aca ach gabháltas beag trí dhícheallacht a's a bhfeabhas chun an tsaoghail d'fhréamhuigheadar go bhfuil leathantas aca anois: dhaingnigheadar ann a's leathanuigheadar fútha. Droichshíol mío-áidh ná fréamhóchadh i rogha na talmhan: ná glacfadh greim ná borradh. Fréamhóchaidh an lá indiugh fós, is é cuma atá air é: raghaidh in olcas.

freang: *f.3.* (*iol.* freanga, freangaidhe) duig, cor, ríog tinnis, fiara, "cumaidhe". Níl sean-Shasana gan freangaidhe an aimsir seo gen Almáin, a háthraighe farraige a's aoir, a's a báid fé thuinn dhá mhilleadh uirthe: rithtidhe nó ríoga tinnis a's mío-dhóchais uirthe: duigeanna innte: taodacha. Na freangaidhe a bhí ar an ngirrfhiadh a's an chú ghá mharbhadh: na matáin, na féithleóga a's na fearsadaidhe ag searadh a's ag crapadh aige le pian. An droichbhiadh a gheibheadh sé sa phríosún chuireadh freangaidhe 'n-a bholg: gathaidhe uathbhásacha tinnis ag teacht 'sag imtheacht go hobann. Ón slighe neamhchomhthromamhail go raibh mo cheann ar an bpeiliúr tá freang im mhuineál indiugh: cor: fiaradh. Freangaidhe go gcuiridh sé ort maran agat atá an dúil ann: stolladh tinnis. Baineadh freangaidhe asam leis an dtuiteam: siubhal nimhe gonta fé thinneas ag rith trím bhallaibh. Labhairt ní raibh ionam ge freangaidhibh ó bheith ag gáiridhe fé: mo mhatáin crapuighthe. Chuir an bhean dhoichilleach freagaidhe ar a pus nuair iarr an bacach déirc uirthe: cumaidhe mhío-shásta. Bím i bhfreangaidhibh go minic de cheal

airgid: bím mar bheadh duine go mbeadh pian corpardha air nách eól dom cad is ceart do dhéanamh.

freangach: *a.* casta, crapuighthe, lúbtha. Mo dhrom freangach ón ualach: lúbtha leis an méid meádhachtainte orm. Léan 'n-a béal freangach, ní maith an tigheasach í: cor ann a chuirfeadh in iúil duit nách fial ná fáilteach í.

freas-luighe: *f.4.* luighe ar faid a's ar leithead; dul ar gcúl. An tuile a bhí ag scéidheachtaint isteach 'on talamh, tá sé ag freas-luighe tá an abha ghá bhreith léi indiugh: ag tuiteam: ag luigheadughadh. Leis na bliadhantaibh buana tá sé 'n-a fhreas-luighe ar a leabaidh le ceasnaidhe doileighiste: 'n-a luighe gan ann éirighe.

freastal: (**freasdal**) *f.1.* aire, fóghnamh, giollaidheacht, friothálamh, feidhm, cabhair, cóngamh. Bead-sa i bhfreastal ort má bhír féin ró-lag: chun do chabhartha ar thap an tairnge. Buadhann freastal an tighe ósda so lé moille agus olcas ar aon áit do chonnac riamh, is mara chéile dhuit glaodhach nó labhairt leis an bhfalla san: riar: friothálamh. Cé dheineann freastal an phuist ón mbaile mór?: cé iomcharann é? Caithfear bean fhreastail d'fhagháil don duine seo, tá sé tinn, breoidhte, lag: bean chun aire do thabhairt do: banaltra. Lucht freastail an tsiopa: na daoine a thugas earraidhe do lucht a lorgtha. Caithfead éirghe asat, ní fhéadfainn freastal ort, tá an iomad éilimh dhá dhéanamh agat: bruic leat: teacht ar gach aon rud atá uait. Siubhal na talmhan níl ionam ó fhreastal ar gach gnóth ar fuaid an tighe: teacht ar gach rud thall a's i bhfos. An té ná deineann freastal ar an earrach ní bhaineann san bhfóghmhar: ná freagrann an churadóireacht san am cheart. Bíonn sé ag freastal ar theinnteachaibh: a chúram iad do chongbháil ar siubhal. Éist liom go cúramach agus dein freastal ar mo ráidhtibh: tabhair aire dhóibh agus dein rud ortha. Gach aon lá bíonn sé ag freastal ón áit seo 'on bhaile mhór: ag dul 'sag teacht ar chúram éigin. B'éigean dom an oidhche do chaitheamh sa chathair mar um an dtaca go rabhas réidh ní raibh aon fhreastal abhaile agam: aon chóir iomchair.

freastalach: (**freasdalach**) *a.* aireach, cúramach, fóghantach, feidhmeach, críochnamhail. Duine freastalach i dtúis a shaoghail dob eadh é, a chuimhnigheadh trí gach treóir ar an lá cruaidh, a's a bhíodh ag cur beagáin thairis 'n-a chóir: críochnamhail: ag dearcadh roimis. Bí freastalach ar do doradha ní fheadrais cathain do thabharfadh breac fút: ná tabhair aon fhaillighe ann. Riaghaltas freastalach a riaras a chuid airgid go haireach gan roilleach ná iomad rabairne: cúramach. Siubhal go freastalach ar an lic oighir ar eagla do shleamhnuighthe: féach rómhat féin ar gach coiscéim. Ghearán sé go cruaidh ná bíonn an bhanaltra oidhche freastalach air, gur minic ná féachann sí siar air: ná tugann sí aire dho mar atá ceangailte uirthe. Bí freastalach i riar na déirce: aireach a cheart do thabhairt do gach duine.

freastalacht: (**freasdalacht**) *b.3.* friothálamh, fóghnamh: cúramacht. Is amhlaidh mar tá aige ná fuil a fhreastalacht ar aonne: budh dhóigh leat air ná fuil aonne ach é go bhfuil leath a chúraim air. Mara bhfaighidh an aicíd sin freastalacht dochtúra agus banaltran scaipfidh sí: aire agus faire. Giolla a bhíos ag freastalacht don dtigh ósda ar fuaid an bhaile: ag déanamh teachtaireacht. Ní mór don dteine freastalacht nó raghaidh in éag: síor-aire agus cothughadh do choimeád uirthe.

freastalaidhe: (**freasdalaidhe**) *a.* giolla (búird), friothálaidhe. I dtigh ósda mar a mbíonn bualadh mórán daoine ar lorg bídh bíonn freastalaidhthe chun iad d'fhóghnamh, pé rud a bhíos ag teastáil uatha do bhreith chúcha. Mara bhfuil eólas na slighe agat cuirfead freastalaidhe it fhochair a dhéanfaidh treóir duit: giolla. Ar dhul isteach 'on oifig do ní raibh freastalaidhe ar bith ann: duine dhéanfadh gnóth leis.

freastalaim: (**freasdalaim**) *b.a.* $_7$ *n-a.* fóghnamh, riaraim, friothálaim. An bhfreastalóchair an cruinniughadh?: an mbeir láithreach ann. Cé fhreastail biadh ort?: cé thug biadh dhuit mar theastuigh sé uait? Fágadh annsúd é ar nós an mhadra gan neach a fhreastalóchadh air a's é gonta: a dhéanfadh fóghnamh air: a bhéarfadh aonnidh dho a thabharfadh faoiseamh do. D'fhreastaladh sé ranganna Gaedhilge chun na teangan d'fhoghluim: thagadh sé i láthair. Freastail an doras, ar do chluais, agus ná leig aonne isteach gan tuicéad: téighir agus fan 'n-a bhun.

freisin: in aonfheacht lé, in a theannta san, fós, chómh maith. Beir-sa ann, agus mise freisin: leis: maidir leat. Beir an leitir seo go dtín oifigeach agus na leabhartha so, freisin: chómh maith. Dubhairt sé freisin ná raibh aon eagla air: i dteannta a raibh ráidhte aige.

frigh: *b.2.* (*frighe*, *frighde*) feichid bheag: míoltóg: figín. An fear do phós sí níl oiread an frighe ann: suarachán. Bhí an oidhche chómh geal soiléir sin go bhfeicfeá frigh do bhaint: an rud is lugha dob fhéidir leis an tsúil d'fheicsint. Freastail an chneadh san dá luighead í, ní lugha frigh ná máthair an uile: an chúis is lugha bheadh thiocfadh droichnidh aiste. Tá gabhair thobac orm, tabhair dom oiread an frighde de cháinte a chuirfinn fém fhiacail fiú amháin: blúirín beag bíognach. Ar mhargadh an tseanchorcáin i gceart, seadh san, do dhíolas mo chuid, ní bhfuaireas luach na frighde air: níor bh'fiú trácht air lé n-a luighead. Ná bac dom tu féin, níor dhein an leagadh san faic na frighde liom: níor goirtigheadh beag ná mór me. Is furaiste réidhteach eatartha níl faic na frighde eatartha: ní fiú cainnt do dhéanamh air. Is dóigh mhuis, dá mhéid an t-olc a bhí air tháinig frighid an gháire air nuair dubhart go raibh árd-chion agam air: fáth an gháire: gealadh beag gháire tímcheall a bheól. Och, a Dhia, ná bí ag gearán, ní frigh é: ar éigean is fiú an rud atáir a cháiseamh d'ainmniughadh.

frighdín: *f.4.* rud beag, suarach. Oiread an frighdín de bhlúire aráin ní itheann sé, tá an goile imthighthe chómh mór san uaidh: cáithne. Moladh agus buidheachas lé Dia nách beag na frighdínidhe iad san ar an bhfuinneógaibh: míoltóga chómh meathaluighthe sin gur ar éigean is féidir iad d'fheicsint.

frigheadóir: *f.3.* duine a chaitheas a shaoghal ag déanamh cúraimidhe beaga gan tábhacht d'fhaillighe rudaidhe tairbheacha. I dtigh ní maith é frigheadóir fir ná réadóir mná: fear a bhíos ag útamáil lé gnóthaidhibh suaracha a's gnóth ceart an tighe ar bóiléagar nó bean a chaitheas an lá ag comhchainnt lé mnáibh na gcómharsan, go díomhaoin siléigeach.

friochtadh: *f.* (*-chttha*) do róstadh ar fhriochtán nó ar oighean lé saill, bluinig nó geir; do ghreadadh nó do dhóghadh. Iasc do chur ag friochtadh. Leis an spalladh triomaigh seo níl aon rud os chionn talmhan ná fuil ag friochtadh: seargadh.

friochtán: *f.1.* oighean miotail, forradh íseal a's lámh air go bhfriochtar air.

friotal: *f.1.* focal, carbhall, canamhain. "Más fíor gach friotal ó Fhearó fíor-ghlic, fallsa": gach cnamhain dá dtáinig as a bhéal. Friotal ní raibh as aonne dá raibh ag éisteacht chun a bhréagnuighthe ná chun teacht leis, do chuireadar an oiread san neamhshuime ann: oiread agus corruighe béil a chuirfeadh a n-aigne in iúil. Ná creid aonne go rabhamair ag áiteamh, oiread agus friotal ní raibh eadrainn: a luighead aighnis.

friothálacht: *b.3.* cúramacht tímcheall duine nó gnótha, tapaidh chun bheith tráthamhail, féicheamhantacht, éascaidheacht. Dá bhfaigheadh sí friothálacht nuair bhuail an bhreóidhteacht ar dtúis í, aire dochtúra a's banaltran a's iondrabháil chóir bheadh 'n-a beathaidh indiugh: bheith 'n-a cúram a's na nidhte a theastóchadh uaithe do thabhairt a's do dhéanamh di. Mara mbeadh an fhriothálacht do dheineas, éirghe moch agus luathughadh, do bheinn déidheannach: an t-imshníomh a's an phraitineamhlacht. Ní ceal friothálachta go bhfuil an barra san chómh dona mar tugadh leasughadh agus glanadh dho: ceal gach rud d'oirfeadh do. Aon fhear eile ní mharbhóchadh an t-iasc mór san leis an ndroichfhearas atá agat. Molaim d'fhriothálacht: an aire, an cúram agus an tseachaint chliste.

friothálaim: *b.a.* bím cúramach i dtaobh, freagraim glaodhach, fóghnaim, bím ar aire. A ghiolla, friotháil annso, tá biadh a's deoch uainn: tair dár gcúram agus tabhair dhúinn na nidhthe atá uainn. An té a fhreagras an t-earrach san am chóir agus d'fhriothálas dóigh lé n-a chur: a néas branair a's bhíos aireach, praitineamhail cur ar an uain cheart. Friotháil an taoide, mar ná fanann lé neach: an t-am is riachtanach do bheith ann bí. An té ná friothálann a anam is baoghal do: ná bíonn a chunntas réidh lé Dia an uile lá dá shaoghal, etc. Dein-se mo ghnóth-sa sa bhaile mhór agus friothálfad-sa ar do ghnóth-sa sa bhaile: raighead-sa i bhfeighil do ghnótha, i slighe a's ná raighidh gan déanamh. Caithfead chughat an téad agus friotháil í: beir uirthe. Chrapas mo shúil air, ach níor fhriotháil sé: níor thóg aon cheann de cad do mheádhas leis. D'fhriothálas an lá in aonfheacht leis go díomhaoin: chaitheas an lá 'n-a fhochair.

friothál(mh)ach: *a.* aireach, cúramach, oireamhnach, éascaidh, ullamh i gcóir. Mo mhór-thuairm go gcaithfeam scaramhaint ó chéile mar ná deinimíd aon rud mar a chéile a's ná réidhtighimíd, nílimid in ao'chor friothálach: oireamhnach. Ní gábhadh do shaoiste ná d'aonne eile aon eagla 'n-a thaobh mar tá sé friothálach ar aon nidh a gheibheann sé lé déanamh .i. ní thugann sé faillighe ar bith. Díreach mar bheadh an nimh ar an aithne leis an imshníomh a bhí air d'éirigh sé go friothálach a's a namhaid ag déanamh ar a ghnáthóig: in am thráth. Ó, a Dhia, mhuis, is tú ná fuil friothálach, táir chómh dall ar cad atá agam dhá rádh leis an gcloich ghlais!: aireach.

friseáilte: *a. n-dh.* úr, gan bheith i bhfad as an uisce (iasc): gan salann: beódha. Lá friseáilte go maith seadh é, gaoth a dhóthain ann: cuibheasach láidir: neamhmarbh. "Fear

friseáilte ar builg", deirtear nuair cloistear gaoth ag éirghe. Rinne sé codladh maith, a's braitheann sé go friseáilte 'n-a dhiaidh: beódha, éascaidh. Nách friseáilte an chuma atá air d'fhear ná fuil óg: crot óigíneach, mear air. An tráth céadna ní raibh sé ach friseáilte sa tír: gan bheith i bhfad ann. "Chomh friseáilte lé breac": beódha, mear, tapaidh.

friseáilteacht: *b.3.* úire, beódhacht. Níl aon fhriseáilteacht ar an iasc (feóil) so, tá blas cabhruighthe air, tóg uaim é: úire: a bheith rófhada marbh. D'éirigh an ghaoth a's lean friseáilteacht ar an bhfarraige san: d'éirigh a neart. Chómh tnáithte san do cheal codlata ná déanfadh aon rud friseáilteacht air: anam do chur ann.

frois-frais: aon rud a bhíos laitighthe, athchumtha: mórán rud meascuighthe trí n-a chéile. Chuaidh an scéal chun faid slighe go raibh 'n-a frios-frais ná tuigfeadh aonne bun ná barr leis: in achrann 'si ndoiléire. B'fhearr liom gan éisteacht in ao'chor leis, ní bhíonn aige ach frois-frais (cainnte): briollabhrealla: cainnt ná bainfeadh neach éifeacht aiste. Mo leabhar duit ná féadfainn a dhéanamh amach duit cad tá agat dhá itheadh, níl ann ach frois-frais: mórán rudaidhe caithte trí chéile.

frum fram: *f.3.* callán, glór mar bheadh d'iarraidh eagla do chur amach nó lé míoshásta. Annsan do thosnuigh an frum fram aige, "buille ar an gcat a's ar an madra", toisc ná leigfí ar an rás é: ag imtheacht thall 'sabhfus, glór a's gleódh aige. Dhúisigh an frum fram as mo chodladh me, a's is amhlaidh do bhí an cat ag ciarláil ameasc áraistidhe: cnagairt aca dhá leagadh. Tráthnóintidhe aonaigh nuair bhí an saoghal go maith bhíodh frum fram ag muinntir na tuaithe i dtighthibh tábhairne: glisiam, amhráin, argóint, etc. Tréis an fhrum-fhrama go léir a bhíos agat, ní fheicim faic dhá dhéanamh agat: cainnt a's gleódh ar fad tusa. Ná bí ag baint frum fram asam-sa, a dhuine, téighir go dtí duine éigin go bhfuil cúis agat air: d'iarraidh sásaimh do bheith agat a's gan de dhánaidheacht ionat é bhaint amach san áit cheart.

fuachaid: *b.2.* cailleach: duine claoidhte, tréigthe gen saoghal fé fhonmhód. Tamall, budh mhór é mo ghradam, anois im fhuachaid bhocht, gan tur ná meas ag caonaidhe orm: rud bocht fé tharcuisne. Bhainfidís deóir an gcloich ghlais an bheirt aindeiseóiridhe dreathár gan déanamh a gcoda ionta 'n-a dhá bhfuachaid: tréigthe, tarcuisnighthe, seachanta.

fuachais: *b.2.* scoilt, poll, daibhch, pruais. Gheibhtear partáin i bhfuachaisidhibh carraigeach ar lag-thrágha: puill dhoimhne. I lár an locha tá sí árd-dhoimhin seachas a ceasa, ní fuláir nó is fuachais mhór atá 'n-a tóin: scoilt áidhbhéil. Is gránda an rómhar ar chlais é, árdáin a's fuachaisidhe: áiteanna taighdte ró-dhoimhin. Fuachaisidhe pléascáin aoir is mór an scannradh iad dréir dheallraimh: réabthaidhe doimhne. Bíonn an tsluid i bhfuachais éigin gen ngadaidhe ná faightear í: uaim nó cuas sa talamh nó fé charraigeachaibh. Fuachais sionnaigh: pruais.

fuachlainn: *b.2.* an snáithín do castar ar bhaoite bog chun a chuibhrighthe leis an ndubhán. Cuir fuachlainn ar do bhéal!: bí it thost: níl deallramh leat.

fuacht: *f.3.* ceal teasa, mana-leathar, leathaluinneach. “An té go mbíonn fulang ar fhuacht aige bíonn fulang ar theas aige” .i. an té ná goilleann fuacht air ní ghoilleann aon rud air. “Ní fuacht go hEarrach” .i. is ins an tsaosúr san do thagann an fuacht is mó a ghoilleann. “Fuacht failce ort” (drochghuidhe): an fuacht a thagas ó bheith fé theas agus fé cheal teasa. Bíonn mná ’n-a leabaidh luighe sheóil a’s tréis claon do. “As fhuacht do thagann gach aon drochrud”: is mó de chúis aicídidhe fuacht ’ná aon rud eile a bhuaileas an duine. “Fuacht na slinneán do bhreacann na loirgne”: le linn fuachta téightear cois teine a’s tagann “leitreacha” ionta. Caillte den bhfuacht ó bheith ag feitheamh leis fén sioc: é dulta greamuighthe ann. “Is ag dul ón dteas go dtín fuacht do é”: ag fágaint áite daingne ar son áite nách féidir nó gur deacair teacht as. Fuacht go dtagaidh ort!: deirtear lé duine a bhíos rócheanamhail ar an dteine nó nách maith leis aon drochsháthadh do thabhairt do féin. Ag obair ar nós an diabhail ó mhaidean, deirim leat nár fágadh aon fhuacht ar mailidhibh agam!: baineadh an teasbach díom. Ag an am go rabhas réidh leis a’s gur do lém theangain a raibh ar mo chroidhe agam do níor fhágas aon fhuacht air: thugas do go cruaidh a’s go te é. Ná bí ghá iarraidh, níl fagháil air, is fadó d’imthigh lé fuacht a’s lé fán: gan aire, gan tuairisc. D’imthigh uaithe a fear lé fuacht a’s lé fán: gan chrích gan áird: ’n-a scraiste gan eidhm aige ar aon nidh, a shuim sa tsaoghal ar ceal. “Spéartha dearga suas, fearthainn agus fuacht”: báisteach a’s ceal teasa. Is furaiste lém chosaibh fuacht d’fhagháil: tagaid sa tslighe a’s go n-imthightheann an teas nádúrdha asta a’s go ngoilleann ar mo shláinte. As fhuacht do fuair sé an slaghdán san: as shín éigin, fliuchán nó a lithéid, go ndeachaidh i luighe gaibhte air. Ceap do shuaimhneas nó bainfead-sa an fuacht díot: téidheamhóchad tú lé búrdáil do thabhairt duit. “An fuacht ’san fheannaid in aonfheacht”: é chómh fuar a’s d’fhéadfadh do bheith agus gaoth ann a bhainfeadh an croiceann díot. Tá fuacht na báistighe ann: an ghlaise a thagas roimpe. Siúd daoine galánta ná fágfadh fuacht ná ocras ar aonne: a thugas déanamh maith do gach neach.

fuachtán: *f.1.* tinneas nó at a thagas lé sioc. Níl áis mo lámh agam lé fuachtáin.

fuadach: *f.1.* (do) chreachadh, (do) scuabadh chun siubhail le reacht nirt: do bhreith chun siubhail d’aindeóin: imtheacht lé neart gaoithe: do bhreith ar éalódh. Budh láidir an fuadach é nár fhág sé slinn ar cheann an tighe: neart scuabtha gaoithe. Rinne an t-arm an oiread san fuadaigh ar an ndúthaigh nár fhágadar luid ges na daoinibh: scrios agus creachadh. Leanbh breágh mic a bhí aice go ndeárna na daoine maithe é d’fhuadach a’s éirlis d’fhághaint ’n-a ionad: d’árdach leó. A fheille-bhitheamhnaigh, ag goid a’s ag fuadach ataoi i ngan fhios d’aonne: ag breith leat gach uair do ghaibheann tu an chao. Rud a bhí an-choitcheann sa tseanaimsir fuadach ban: fear dá breith leis í gan a fhios nó d’aindeóin a muinntire, a’s b’fhéidir, dá haindeóin féin (budh mhinic sluagh i gcabhair an fhir gur mian leis a phósadh). Díreach roimis sin do chonnaic an siopadóir an earra ar an gconntabhairt, nuair fhéach airís ní raibh ann, nár thapaidh an fuadach é?: sciobadh chun siubhail. “Cá bhfuairis san?” – “is cuma dhuit, ní goid, fogha ná fuadach é”: ní hamhlaidh a tógadh go neamhdhlightheach é, é do thógaint d’iarracht ganfhiosaidheachta ná é d’árdach chun siubhail d’aindeóin aonne. An fuadach nimhe a bhí fén ngaoith shaoileas ná fágfadh tigh ná crann ’n-a sheasamh: an neart a’s an fuinneamh thar meón. Lé fuadach do fuair Sasana a bhfuil aice: lé foirneart a’s lé creachadh. “Gliocas a’s fuadach aitheannta an tsionnaigh”: is ortha atá a sheasamh.

fuadaire: *f.4.* fánaidhe, duine corrthónach. Connus bheadh a fhios agam-sa ná ag aonne eile cá bhfuil ná cá mbíonn an fuadaire sin, ag imtheacht thall 'sabhfus gan de chúram air ach a dhrom 'sa bholg: fánaire. Ná fanfá socair am éigin in áit éigin, a fhuadaire, nílir ach istigh an uair is seo amach airís thu: duine ná fanfadh suidhte ná 'n-a sheal in aon áit.

fuadaireacht: *b.3.* neamhshocracht, corrthónacht. Ní staonfaidh Pilib an gheitire anois dá fhuadaireacht tímcheall an tsolais go ndóghann é féin: bheith ar fuaidreadh: ag imtheacht 'sag teacht, síos suas sall 'sanall. Riamh ní dheárna ná ní dhéanfaidh choidhche fear fuadaireachta obair: fear gan stuidéar. Cuir uaim an fhuadaireacht, ní haon ghnóth mar mhagadh é seo, cuir chuige i gceart: guagaireacht.

fuadar: *f.1.* ró-dheabhadh, fotharaga, claonadh, tuar: fonn mór. Sé fuadar a bhí fúm anois dul abhaile ach ó bhuailis liom fanfad it fhochair: an aigne, an fonn. "Táim ag imtheacht bán le teasbach" – "sé fuadar atá fút é": an chuma: gach nidh atá dhá dhéanamh agat tuarann sé sin. Ar an bhfuadar atá fén ngluaisteán san mara maoluightear an siubhal beidh cipineach a's brúscar ann: an t-imtheacht fiadhain. Féach an bhróin throm, dhubh san thiar ort, nách dóigh leat ná go bhfuil drochfhuadar fén lá: go raghaidh an aimsir in olcas. B'fhuraist aithint go n-éireóchadh rud éigin olc do ar an bhfuadar árd a bhíodh fé, amuigh ó n-a thigh, ag bruighean 'sag troid: an t-imtheacht ait gan aire, gan chao do thabhairt do féin. Cad é an fuadar so fút anois?: cá bhfuil do thriall? "Ní dhéanfadh an fuadar duit é", deirtear nuair thuiteann rud éigin amach do dhuine ná bíonn ciall ná deallramh leis an gcuma bhíonn sé á dhéanamh. Tá fuadar fúm tabhairt suas agus ní mhaireann sé an fear ná an bhean go stadfainn do: tá m'aigne air agus réidhtigheann san é. Fuadar laithighe sioc: leanann báisteach sioc, leanann laitheach ise. Níl fútha súd, ag reic 'sag caitheamh, ach fuadar ná feadradar: táid dall amach gen dteasbach a's neamhaire. Dá mbeadh aon fhuadar cóir fút, dhéanfá rud ar an té atá ar mhaithe leat agus scuirfeá de ragairne: claonadh, inntin. Sé fuadar atá fút an fuadar a bhí fé ghabáiste an duine bhoicht: feádhanna: éirghe anáirde. B'fhuraist aithint ar an bhfuadar go léir a bhí ar an mbaile indiugh go raibh rud éigin lé tuiteam amach: an suathadh a's an dul trí chéile. "Tréis an fhuadair go léir féach go gcaithtear stad", deirtear so nuair bítear bladhmanach, maoidhteach a's ná tagann faic as: nuair bhuadhann an saoghal orainn i bhfaid an chúrsa dá theinne a's mar bhímíd. Má leanann an garsún san dá fhuadar déanfaidh fear maith: tá a chlódh air go etc. Imthightheann an fuadar nuair imthightheann an gustal: tagann deireadh leis na geámaidhibh a's leis an dtóirtéis nuair téightear i mbochtanacht. Más mian leat an clabhsúr do bheith agat in am thráth, ní mór duit fuadar do chur ort féin: mothalughadh: anam do theacht ionat.

fuadrach: (**fuadarach**) *a.* fústrach, fotharagach, gnóthach, cúramach, leagtha nó claonta, mear, beartach. Maran fuadrach a bhís a's é sin do dhéanamh, gan aonne ghá iarraidh ort, a's luach do pháigh nár gheibhir: deabhfrach, dána. Maran fuadrach a bhíos ag teacht chun do chabhartha a's gur beag é mo bhuidheachas agat: maran orm a bhí an fonn chun maitheasa do dhéanamh, dar liom. Dá mb'áil leó gan bheith leath chómh fuadrach a's breith fada air ní éireóchadh faic dóibh: gan bheith chómh fonnmhar, sanntach. Bhuail sí síos an tsráid go fuadrach, gléasta go scléipeach, a's maig uirthe: ghá cur féin in iúil don saoghal mór. Nuair bhuaileadar chugham isteach chómh fuadrach, a sceana tairngthe aca d'aithnigheas go ndéanfaidís buadhairt: é de dheallramh ortha go raibh droichnidh ar a n-

aigne. Dá bhfeictheá an truaghán ag tabhairt fén bhfathach chómh fuadrach thiocfadh meas agat air: gan meathtacht: díreach dá mbudh chómh-thoirt iad. Bír ró-fhuadrach léd dhorn: ró-éascaidh: ullamh ar dhuine bhualadh, cúis nó gan chúis. Dar liom-sa ná fuil faic ar chois ná láimh leis siúd, chonnac ag obair go fuadrach é: go mear, lúthmhar. Ag caitheamh a gcuid airgid go fuadrach ar gach aonne a bhuaileadh leó: go rabairneach gan staonadh. Glac cómhairle amadáin a's ná bí chómh fuadrach: bog, réidh, foidhneach leis gach aon nidh. Ar maidin do bhí fothrom a's frum fram an domhain fé, tráthnóna b'fhuadraighe é 'ná riamh: budh ghéire a's b'fhonnmhaire.

fuadráil: *b.3.* fotharaga gan éifeacht, gíotáil gan tairbhe, fústar. Dá ndeinteá uair an chluig amháin oibre is buidhthighe beifí dhíot 'ná seachtmhain fuadrála: bheith ag déanamh sians de shuarachas. Gach uair go mbíodh an saoiste gan bheith láithreach ní bhíodh na fir oibre ach ag fuadráil: ag giobaireacht ar a gcúram: ag leigeant ortha. Fuadráil tímcheall an tsiopa dho, sin uile: ag rith thall 'sabhfus gan aon tairbhe a's gur dhóigh leat air gurb é a bhí ag déanamh oibre na háite.

fuadrálaidhe: *f.4.* fústaire, duine a bhíos ag dúmas oibre go taidhbhseach. Ar ór ná ar airgead ní oibreóchainn leis an bhfuadrálaidhe san, bhainfeadh sé mo mheabhair díom lé n-a chuid útamála: duine ná deineann faic seachas a mbíonn de thaidhbhse aige. Fuadrálaidhe bocht a néas gleódh a's duadh dho féin ar a luighead cúraim: mórán buaidhrimh ar bheagán cúise. Fuadrálaidhe leisceamhail ná feictear i ngort ná i ngarradha, ach ins gach aon áit ná bíonn a chúram: ruathaire gan cur lé gnóth.

fuadruighim: *b.a.* ₇ *n-a.* brostuighim, deifrighim, luathuighim. Fuadruigh tu féin nó ní bhéarfair ar an bpost: luathuigh. Mara mbeadh a luaithe d'fhuadruigheadar bheadh beartha idir dhá theannta namhad ortha: a dheifrigheadar go luath-lámhach. Dá mbeadh teine dhearg na bpiléar thiar leis ní fhuadróchadh sé, ach ar nós an tsilimide: ní chuirfeadh aon anam gluaiseachta ann féin.

fuadrughadh: *f.* (*-uighthe*) deifriughadh, luathughadh, brostughadh. Budh dhóigh leat ar an bhfuadrughadh atá fútha ná fuil obair an lae dhóibh ann: ar an gcuma go bhfuil feac oibre ortha. Nuair chonnac ag fuadrughadh chun ceóidh é, chuireas díom ó mhullach an chnuic: cuma an cheóidh ag teacht go mear air. Nách ar na scoláiridhibh do thagann an fuadrughadh nuair bhíonn an máighistir 'sa shúil aige ortha: an luathughadh 'san feac chun oibre.

fuaduighim: *b.a.* beirim de bhárr nirt, scuabaim chun siubhail, árduighim liom lé fogha, séidim chun siubhail. Nách neamhdhaonna, críon, caithte an chuma atá uirthe gan lá dá sláinte aice, deirtear – an gcreidfeá é? – gur b'amhlaidh (fuaduigheadh í) d'fhuaduigh na daoine maithe (an dream aerach) í: gur árduigheadar leó a's gur chuireadar an truaghnairt seo 'n-a hionad. An fear go raibh éileamh pósta aige uirthe ní thoileóchadh a muinntir leis, ach tháinig sé i gcom oidhche a's sluagh marcach 'n-a thaca a's d'fhuaduigh í: d'árduigh leis í go neamhdhleaghthach. Oidhche thar oidhcheantaibh lé gála a's sín nár fágadh sop in iothlainn ná i ngarradha nár fuaduigheadh lé haer an tsaoghail: nár thóg neart áidhbhéil na gaoithe móire a's gur scaip. Seadh, seo cluiche do chaillfead gan amhras, fuaduigheadh an cárta dob fhearr im ghlaic: caitheadh cárta budh threise 'ná é a's

b'éigean dom scaoileadh leis. Thoir ná thiar ní bhfaghaim mo sparán, d'fhágas annsan ar an gconntabhairt é, is dócha gurb amhlaidh do fuaduigheadh lé méir chliste éigin é: do sciobadh go tapaidh chun siubhail é. Fuaduigheadh ár dtigh airéir: d'árduigh an ghaoth cuid de léi. Maran mór an t-eagla atá ort, ní haonne a fhuadóchaidh thu léd bhreághthacht: a bhéarfaidh chun siubhail thu det aindeóin.

fuaduighthe: *a.r.* árduighthe chun siubhail (lé fóirneart): goidighthe: beartha leó ges na púcaidhibh. D'fhágas an tigh béal anáirde a's ar fhilleadh dhom ní raibh faic d'aon luach ann ná raibh fuaduighthe: goidighthe: beartha chun siubhail. Rugadh sa bhfoghail air sara raibh faic fuaduighthe aige: ag déanamh na díoghbhála gan í bheith déanta aige. Nuair bhí a mhac fuaduighthe ón bhfear saidhbhir thairng sé díolfiach mór den bhfuaduightheóir ach é d'fhilleadh air: árduighthe chun siubhal i ngan fhios do.

fuaduightheach: *a.* tugtha d'fhuadach: ró-thréan: creachach. Is fuaduightheach an dís san earrach tímcheall uan agus éanlaithe óga, an fiach dubh agus an mada ruadh: tugtha do chreich: ghá marbhadh. Níl aon bhitheamhnach aca is fuaduighthighe 'ná an bás, beireann leis gach neach.

fuagh: *f.3.* greim snáthaidhe, do chur greamann lé snáthaid. Scaoil oscala mo chasóige mar drochfhuagh a bhí uirthe.

fuaghadh: *f.* (*-uighte*) do chur greamann snáithín lé snáthaid chun cuibhrighthe. Ag fuaghadh paiste ar a shean-thriubhas: a chiumhais do ghreamughadh air lé snáithín dhá oibriughadh lé snáthaid. Dá mbeadh a béal dhá fhuaghadh, an suainseánaidhe, b'fhearrde an baile é: annsan ní fhéadfadh labhairt.

fuagháil: *b.3.* (*-ála*) Bean fuaghála: meaintín: bean gur b'é a gairm bheatha bheith ag fuaghadh. Inneall fuaghála: gléas a ghníos obair na méar.

fuaghaim: *b.a.* greamuighim lé chéile baill éadaigh, etc., lé snáthaid a's snáithín, iadhaim, cuibhrighim, fighim. Tá a bhéal fuaighte agam .i. bhí mórán áitimh air a's pé rud adubhart leis nár thaithnigh leis nó ná raibh freagra aige air d'éist sé. Lasca bróige níor mhór do bheith fuaighte go maith mar beireann strus mór air: cuibhrighthe lé greamannaibh snáithín. Is deacair an rud a bhíos fighte, fuaighte i nduine do scaramhaint uaidh: greamuighthe go dlúth ann. Ag fuaghadh a mhéar: ghá gcasadh tímcheall a chéile gach re seal.

fuaghálaidhe: *f.4.* meaintín, duine gur b'é a chúram an tsnáthad. Ní rámhaidhe é ach fuaghálaidhe .i. is mó chuirfeadh i gcuimhne dhuit duine a bheadh ag oibriughadh na snáthaide ná fear go mbeadh dhá mhaide rámha aige.

fuaice: *f.4.* aindeiseóir, bathalach, búiste. Fuaice bocht gan éifeacht nách eól do an t-olc ón maith, budh chóra leigeant do: aindeiseóir gan tuigsint.

fuaichtnín: *f.4.* fuairnimh, manaleathar. An oiread san fuaichtnín ar mo chrobh nách féidir liom an peann d'iondrabháil: an tadhall imthighthe as lé fuacht.

fuaid: fairsinge. “Cá bhfuil an ghaoth indiugh?” – “ar fuaid an bhaile go léir!” ars an té ná raibh eólas cheithre háirdeanna na spéarach aige. Tinneas a’s diachair ar fuaid mo chnámh: i ngach cnámh agus i ngach pioc de. Bhuail an bhó speach ar an gcalán a’s doirteadh an crúdhthach ar fuaid an bháin: go flúirseach i ngach treó. Is minic do gheibhtí foth-cholmóir sa líontaibh ar fuaid maircréal: ’n-a measc. Réidhteach do dhéanamh ortha ná tátall do bhaint asta chuaidh díom, bhíodar chómh mór san ar fuaid a chéile: measctha in achrann. Ar fuaid an domhain mhóir, a’s é do thaisteal ní bhfaghfá “dóthain an diabhail” go dtí é: i bhfairsinge an domhain...a bhualadh lé alfraitsidheacht.

fuaidreadh: *f.* (*-deartha*) guardal, corrthónacht, fánaidheacht, geámaidheacht, neamhshochracht, grogaidheacht. Ar feadh na hoidhche bhí an ghaoth ar fuaidreadh: ag aistriughadh ó áird go háird. An seabhac gorm ar fuaidreadh tímcheall ó mhaidean ag faire ar shicínidhibh d’fhuadach: ag gluaiseacht tímcheall os chionn na háite céadna. Chaitheas an oidhche airéir ar fuaidreadh ar lorg raice: ar guardal: ag gluaiseacht ó thráigh go tráigh. Aon eólas níl ar mhac an tighe againn, is fada ar fuaidreadh é: imthighthe lé fánaidheacht. Do lithéid ní mhaireann lé fuaidreadh ná suidhfeá seal: sall ’sanall gan cómhnaidhe nóiminte. Nuair baineadh as a ghreim é d’imthigh sé ar fuaidreadh treasna na sráide mar fear meisce: ag grogaidheacht. Capall ait é, nuair scaoiltear amach as an bpáirc é imthightheann sé ar fuaidreadh, gach aon léim as a chorp aige: geámaidheacht: “ag caitheamh a thóna”.

fuaim: *b.2.* *7* *3.* glór, geóin, eighdeán, foghar, dórd. “Éist lé fuaim na habhann a’s gheobhaidh tú breac”: monabhar: glór binn. Buaileadh chómh dúluighthe sin me gur baineadh fuaim as mo leathcheann: chloisfeá teangbháil an bhuille lém aghaidh. Nár mhór an siubhal a bhí fén ngluaisteán ag gabháil tharm gur bhain sé fuaim dem chluais: an corruighe do dhein a gluaiseacht ar an aer gaoth do bhaint dem chluais. Adhmuighim go bhfuil an lá aca orainn go dtí so ach bainfeam fuaim asta fós: bainfidh ár n-iarrachtaidhe mac alla asta. An fhuaim dhiamhair a bhíos ag an muir oidhche stoirmeach: an dórd árd, áidhbhéil. “Cad í an fhuaim í siúd?” – “blosc na mara”: glór daingean. Beir leat go bhfuil fuaim ag gunnaidhibh móra san Lochlainn fé láthair: an suathadh a ghníos sonnchrith an aoir ar an gcluais. Is binne liom fuaim do ghotha ’ná glór ar domhan: an siansa ceólmhar do ghní sí. Má bhíonn fuaim ag aon dream is ag lucht meisce é: gleódh. Ná dein aon fhuaim ar eagla go ndúiseófá neach sa teach: glór dá luighead. Baineann sé fuaim as a chuid airgid: caitheann sé go tiugh gan suaimhneas do thabhairt do. Cad tá ort indiugh ná fuil aon fhuaim asat?: oiread agus focal do chloisfeadh duine. Éist! níl agat ach fuaim: glór a’s gan aon fhuaimeant leat.

fuaimeant: (**fuaimeint**) *b.3.* éifeacht, ciall, brigh, neart, bonn, tacamhlacht, daingneacht. Sin cloch ná fanfaidh sa bhfalla mar ná fuil fuaimeant a dhóthain fúithe: leabaidh shocair, réidh, theann. Bíodh fuaimeant leat, ní éistfinn a thuilleadh leat: bíodh ciall id ráidhtibh: gliogaireacht atá agat. Duine tuigseanach a chuireas a chuid cainnte i bhfuaimeant: go mbíonn brigh a’s éifeacht lé n-a n-abrann sé. Budh dheacair tu do chur i ndiaidh do chúil mar bhí fuaimeant le t’áiteamh: brigh, fírinne a’s blas. Aonne go mbeadh fuaimeant fir leis ní dhéarfadh rudaidhe discréideacha: tuigsint a’s réasún. “Ní ceart d’aonne bheith ag magadh fé leathcheann an fhir thall mar nách feas cé bheadh sa chás chéadna” – “cainnt

go bhfuil fuaimeant léi": nách féidir do bhréagnughadh lé gaois. Féach an tigh sin, cheithre chéad bliadhain, bhí fuaimeant leis an slighe do tógadh é: b'eól don ndream a thóg é connus tigh stóinsithe do dhéanamh. Níl sé ar aon fhuaimeant na laetheanta seo thárlaidh an iomad iomaird do: níl eólas a bheart aige: níl sé róstuidéardha ar fad. Tá an tsean-scian so imthighthe as fuaimeant ar fad, ní maith ar aon rud í: an áis budh cheart di do bheith innte imthighthe. Dá mhéid a himdheargadh í, lé fuaimeant na mná níor chorruigh sé a bhéal: an chiall gur bh'fhearr tost na callán. Admhuighim nách lé fuaimeant do dheineas rud do bhasc duine eile: trí chéill: trí thuigsint cheart.

fuaimeantamhail: *a.* ciallmhar, bríoghmhar, éifeachtamhail, taithigeach, fadaradhnach. A ghliogaire, ní tháinig focal fuaimeantamhail as do bhéal riamh dob fhiú d'aithris: focal go mbeadh bun a's ciall leis. Buillidhe neamhfhuaimeantamhla iad san ná marbhóchadh cuil: gan aon neart ná fuinneamh leó. Bréithre neamhfhuaimeantamhla deireadh fir friotail Shasana do bhíodh ag Hitlear nuair dubhairt go gcuirfeadh in iúil cad é an neart do bhí aige: bréithre díthcéille. Mara mbíonn falla fuaimeantamhail fé thigh ní fada is tigh é: falla láidir, taithigeach, tógtha lé stuaim. Seadh, is mithid dúinn seafóid do chaitheamh uaim agus labhairt go fuaimeantamhail: labhairt lé stuaim a's lé céill. Níl cosa na cathaoireach ró-fhuaimeantamhail, táid ar bogadh, tuitfidh sí as a chéile fút: ró-stóinsithe: gan iad do bheith daingnighthe mar budh cheart. Is neamhfhuaimeantamhail d'adhuigheann tú teine, cad chuige ná cuirir na fóid 'n-a seasamh in ionad ar a dtreasna: gan deallramh mar nách í an tslighe í. Gach máille den luing curtha go fuaimeantamhail le chéile go mbeadh fulang ar fharraige aice: go daingean, ceárdamhail. Chaitheamair lá an-fhuaimeantamhail i dteannta a chéile gan puinn ranngcáis ná aon rud seachas cuideachta shuairc do bheith againn: lá ciallmhar, meabhrach.

fuaimeantamhlacht: *b.3.* ciallmhaireacht, stuidéardhacht, stóinsitheacht, éifeachtamhlacht, taithigeacht. Dá mbeadh a dhóthain fuaimeantamhlachta ag roinnt leis raghadh sé i gcómhairle lé dligheadóir maith a chuirfeadh ar a shúilibh i gceart é sara sádhfadh sé é féin ar nós an phúca i ndlighe throm: tréith nó cáilidheacht tuigseana do chaitheamh lé rud. Níl rud dá ndeineadh sé ná gur lé fuaimeantamhlacht é: ní dheineadh faic gan machtnamh go doimhin agus go ciallmhar air. Choidhche ná dein faic gan fuaimeantamhlacht: machtnamh, cur a's cúiteamh aigne.

fuaimneach: *a.* glórach, fuarmálach. Ní fhuilngeóchadh mo cheann obair sa mhuileann, bhí sé ró-fhuaimneach dom, ghaibheadh an glór siar 'saniar tríom cheann: ró-ghlórach. An fharraige fhuaimneach a bháthaidh a clann a bhuaidhreadh í: an síorghlór siansach, doimhin.

fuaimnighim: *b.a. 7 n-a.* bainim glór, deinim glór. Fuaimnigh airís an tseanbheidhlín: bain ceól aiste. Buail an mhias mhór stáin a's fuaimneóchaidh sí: déanfaidh sí glór do chur aiste. Fuaimnigheann an aill nuair bhéicfeá ar a húrlár: tagann mac alla uaithe.

fuair-bheirbhthe: (**fuar-bheirbhthe**) *a.r.* ar n-a fhuaradh tréis a bhruithte. Feóil fhuair-bheirbhthe. Duine fuair-bheirbhthe nách féidir cóstáil leis: duine ná feadráis cad budh cheart duit do rádh chun teidhmint do dhéanamh air. De thalamh an domhain ní fheadar

cad budh cheart dom do dhéanamh leó, gach lá dá saoghal bhídís fuair-bheirbhthe chugham: ar barrghal dhul im mhuineál: d'iarraidh achrainn do tharrac orm.

fuair-chrioth: (**fuar-chrioth**) *f.3.* luacadh ball an chuirp go mbeadh fuacht ghá leanamhaint. Gan aon choinne agam leis ar fhéachaint tharm a's ar fheicsint na hamhailte ró-ghránda ag deireadh an bháid tháinig fuair-chrioth orm: go raibh giascán gem fhiacalaibh a's ná féadfainn rámhaidheacht: chrom mo bhaill beatha ar léimrigh a's ríog fhuar tríom chreat. Ón uair úd go ndeárna sé an bheart ghránda ní gábhadh dhom ach féachaint air nuair thagann fuair-chrioth orm: léimeann mo bhaill dem aindeóin, bíd fuar mar bheadh col gem chorp lé teangmháil leis.

fuaire: *b.4.* faillighe, ceal teasa, díth suime. "An rud a théigheas i bhfaid, téigheann i bhfuaire", mar sin ós rud é ná dubharthas faic leat lé mí i dtaobh na díoghbhála a dheinis is dóichighe ná déarfar leis: an rud ná deintear in ullmhacht bíonn gach aon chao go bhfaghann gan déanamh. Leig sé dhom ar feadh i bhfad, gur shaoileas go raibh sé imthighthe as a cheann, ach ní ag dul i bhfuaire in ao'chor ach ag faire ar chao go mbeadh cúiteamh ceart aige asam: ní amhlaidh go raibh sé ag imtheacht as a cheann ná ag maolughadh. I bhfuaire bheidh an aimsir ag dul ón Nodlaig amach go ceann tamaill: breis fuachta. Chaitheas greadadh as an áit lé n-a fhuaire: dáil nó stáid fuachta do bheith ann go mór. Tá fuaire an bháis im chorp: chómh fuar a's d'fhéadfadh do bheith. "A Mhichíl", ar sise, "is baoghalach liom go bhfuilir ag dul i bhfuaire orm, cá bhfuil an cion a bhíodh agat orm?": go bhfuil do ghrádh ag maolughadh. Níl aon fhuaire ar an uisce seo: níor luigheaduigh a theas. Is mór an deifridheacht idir fuaire iarainn agus fuaire adhmaid: dáil a bheith fuar. [Fuacht an lae, ach fuaire an tseómra]. Ghaibh fuaire [ní fuacht] na lic oighre trím ó bhonn go bathas. Fuaire an uisce etc. Ná tabhair aon fhuaire san ghnóth atá agam dhá chur ort: faillighe. T'fhuaire féin do chaill thu, dá mbeifeá friothálach bhí rith an ráis leat: faillighe ceal suime. Bhíos ar tí labhartha leó gur thugais fé ndeara a bhfuaire: a neamhshuim ionam a's im thoisc.

fuaireacht: *b.3.* fuaire, glaise. As fhuaireacht an lae do fuaireas an fuacht so agus is baoghalach go leanfadh slaghdán é: glaise an lae. Bíonn fuaireacht ag teacht san aimsir i dtosach na Samhan: bíonn sí fuar gan fuacht mór do bheith ann. B'éigean dom mo chosa do chur in uisce te lé n-a bhfuaireacht .i. do bhí an teas nádúrdha imthighthe asta. Fuaireacht an tighe cheal teine.

fuair-leite: (**fuar-leite**) *b.5.* leite ar n-a fuaradh tréis a bruithte. Dar mo lámh duit ní bhfaghainn ón Ríseach mná ach pláta fuair-leiteann tréis mo lae oibre.

fuairneálach: *f.1.* fuairthé, duine gur cuma leis i dtaobh a ghnótha. Fuairneálach feirmeóra ná fuil claidhe ná fál ar a chuid talmhan, é béal anáirde: feirmeóir gan tairbhe. Ná fág fén bhfuairneálach san na leitreacha do scríobh i gcóir an phuist nó beid gan scríobh, crích ní chuireann ar aon nidh: duine faillightheach. B'fhearr liom féin, dá ghnóthaighe táim, rud do dhéanamh ná bheith ag brath ort-sa, a fhuairneálaigh, mar ná beadh id dhiaidh ach abláil: duine ná cuireann a dhéanamh nó gan a dhéanamh aon mhairg air.

fuairneamh: *f.1.* gan tadhall. Fuairneamh im fhiacalaibh go ngoirtigheann aon rud do bhím a chogaint me a's ná faghaim blas air: ceal braithstinte. Fuairneamh mo mhéar ná féadfainn breith ar an bpeann i gceart: aimlitheacht trí fhuacht. Rud éigin ar bharr na méir theasbáine mar bheadh fuairneamh ná brathaim faic léi, ní bhrathaim orm ná dhíom í: mairbheacht tadhaill.

fuairneán: *f.1.* fleath fuar gaoithe. Tréis bheith ag caitheamh ghuail i dtóin luinge b'éigean dom me féin d'fholcadh agus cheal tubháile (goidtí uaim iad) seasamh i ndoras ghom thriomughadh féin mar a mbíodh fuairneán ag séideadh a cuireadh ar baillichrith me: siolla fuar a gheóbhadh tríot. I gcarcar do gan teine gan teas sa gheimhreadh bhíodh fuairneán isteach fé bhun an dorais air a bhainfeadh an croiceann de chat: séideóg nimheamhail gan aon mhaolughadh. Is beag lá sa mbliadhain ná bíonn fuairneán ar bharr Chnuic Bhréannain lé n-a aoirde: siolla fuar a chuirfeadh creathaidhe ort seasamh fé.

fuair-scéal: (**fuar-scéal**) *f.1.* scéal gan bhun, cúrsa fuar. Fuair-scéal dom anois ag déanamh ar dheireadh mo shaoghail bheith d'iarraidh mo bheatha do leasughadh nuair atá ró-dhéidheannach agam. Fuair-scéal éigin aige mar gheall ar luing aoir a connacthas os cionn Átha Cliath, gur ón Almáin í a's gur theich na daoine i scartaibh fothana: scéal gan deallramh, gan éifeacht. Fuair-scéal do bhéarfaidh an leanbh san chughat, dar ndóigh ní chuimhneóchaidh ar thuairisc leath a ndubharais leis do chur: scéal ná sáiseóchaidh thú: scéal breallach. Mo thuairm as a bhfuil ráidhte agat go raghaidh id choinnibh, is oth liom a rádh leat gur fuair-scéal do scéal, dar liom: an cás 'n-a bhfuilir ná tiocfair buacach as.

fuair-scéalach: (**fuar-scéalach**) *a.* scéalta fuara, aite do bheith (ag), cúrsaidhe gan dóchas leó. Tóg mo chómhairle a's ná dein talamh slán dá chómhrádh san, is minicighe fuair-scéalach é ná fíor-scéalach: gan a scéalta do bheith ionmhuinghine. Aon bhrigh ní bhainim as an dteachtaireacht atá agat chugham, nách fuair-scéalach an duine thu: scéalaidhe ná beireann rudaidhe sa tslánchruinne leis. Nách fuair-scéalach an rud dómh-sa bheith ag brath ort-sa ná fuil faic agat tréis a raibh i gcois a's i lámh agam do chaitheamh ort: cúrsa gan dóchas, gan súil.

fuair-scéirdeach: (**fuar-scéirdeach, fuair-scéirdeamhail**) *a.* árd fé léith síne. "Iarthar Chiarraighe ró-fhuair-scéirdeach dom-sa", ars an té ná raibh taithighe ar cheanntar sléibhteánach, gleanntach gan crannaibh: gaothmhar, fuar.

fuairthéidh: *f.* (*-e*) duine gan chrích gan áird, manaoiseach. Bímís ag gluaiseacht, is mar a chéile dhuit bheith ag feitheamh leis siúd nó lé lá dheireadh an tsaoghail, ní raibh sé in am riamh a's ní bheidh choidhche: lán-shiléigeach. Féach thart ar sheómra an chléirigh seo, gan faic 'n-a ionad cheart, an rud a bheadh uait go géibhinneach gan é lé fagháil, a's a chur in iúil air gur cuma leis, fuairthéidh ceart!: cuimse na neamhshuime eisean. Bheadh a thigh trí theine a's ní chorróchadh an fuairthéidh sin cos ná lámh leis chun a chosca: duine go mbíonn an leisce is an neamhshuim ag gabháil lastuas de. Is mór go léir an fuairthéidh do deineadh den gcéachda san, é d'fhágaint fén sín gur ith an mheirg é: faillighe: ceal aire.

fuairthneach: *b.3.* ainmhidhe nó bean aimrid. Sonuachar chughat a's ná raibh 'n-a fhuairthnigh ná 'n-a mnaoi a bhuailfeadh: bean mhaith go mbeadh rath clainne uirthe. Tá an gabhar san imthighthe 'n-a fuairthnigh: gan mionnán.

fuairthnín: *f.4.* rud docht, teann, do-lúbtha, doi-éascaidh. Féach air 'n-a fhuairthnín cois teine: mar bheadh ceirtlín casta ar a chéile. Buaileadh i gcródh an chinn me a's thuiteas im fhuairthnín i gceann mo chos: mo chorp díreach mar bheinn fuar, marbh. Fág as an slighe uaim, a fhuairthnín, táir chómh neamh-anamamhail lé cipín maide: gan mire, gan éascaidheacht.

fuaisceán: *f.1.* an partán baineann (an collach an ceann fireann).

fuaithis: *b.2.* scoilt, méiscre, gág. Má gheibhir fuaisceán i bhfuaithis is dóichighe an collach ann 'n-a fochair: i scoilt nó poll carraige. Ó, Dia go deó linn, is gránda an buille fuair sé sa cheann, ní hamhlaidh do gearradh in ao'chor é ach cuireadh fuaithis ann go raghadh do dhorn síos innte: poll doimhin. An duibhch lán d'fhuaithisidhibh ges na coinínidhibh: de choinigéaraibh.

fuaithne: *f.4.* cuaille, taca, géag. Tá na fuaithnidhe ag teip ar an sean-chapall, is furaiste barra thuisle do bhaint as: na cosa. Faid sheasóchaidh na fuaithnidhe fé, pé faid, geairrid é, beidh sé ag máineáil oibre: na cosa. A bhean, is breágh a's is leabhair iad t'fhuaithnidhe: do ghéaga. Dá bhfeictheá ag éalódh cois claidhe ar a fhuaithnidhibh d'fhonn a's ná tabharfadh aonne fé ndeara é: ag imtheacht ar a ghlúinibh a's a dheárnachaibh. Chómh caithte croithte, lom, tairngthe go gcuirfeadh fuar-chrioth ort féachaint air a's gan ann ach na cheithre fuaithnidhe: na cheithre cnámha.

fual: *f.1.* mún, leacht ainmhidhe i bhfolach na ndubhán. Ag déanamh fuail. Sé an méid measa atá agam-sa air sin díreach ná tabharfainn streall fuail air: gan meas ar bith. Nuair bhíonn rud laitighthe ag duine deirtear go searbhasach, "dein do chuid fuail anois air". An dóigh leat go leigfead-sa dhóibh bheith ag fual i gcómhnaidhe orm: ag stealla-mhagadh fúm: ag gabháil de chosaibh ionam. Braon fuail, ní fiú é, féach: faic in ao'chor ní fiú é. Chuirfeadh súd ag sileadh fhuail thu, a dhalta, fan uaidh: scannróchadh sé id bheathaidh thu. Bheifeá ag sileadh fhuail fé lé gáiridhe: bheifeá i bhfonnsaidhibh: i gcantaibh lé reacht gáire. "Mar chídhtear dom", ars an fear nár thaithnigh Sasana leis, "bainfidh an Ghearmáin fual aiste!": buaidhfidh sí pic uirthe. Bíonn sé ag fual fé: ritheann a chuid uisce uaidh 'n-a chodladh nó is gnáthach leis a botún do dhéanamh.

fualán: *f.1.* aimid, amadán. "Ní mise an fualán ach tusa a phós me": is mó d'amadán tú go mór. A fhualáin gan chrích, cá raibh do shúile ná feacaidh an rud a bhí uait, a's é os chómhair do dhá súl?: duine gan faire. Fualán dearg a leigfeadh uaidh a chao nuair gheóbhadh í: amadán críochnuighthe.

fuamán: *f.1.* glór fada siar; siansán: labhairt abhann, glór sa cheann liugh. Ó bheith ag obair sa mhuileann i rith an lae bhíodh fuamán im chluasaibh ist oidhche ó fhuarmáil an innleáin go léir: tá liúgh im chluais: glór im cheann a's im chluasaibh gur dhóigh liom gurbh é an muileann fós é. Áit scéirdeamhail ná téigheadh aon lag ar an ngaoith go

mbainfeadh a síor-fhuamán an mheabhair as do cheann: glór cómhnaidhtheach, géar. Fuamán im chluasaibh indiugh, budh dhóigh leat gur oibreacha éigin a bheadh ag casadh istigh ionta: glór géar. Tuitim dem chodladh sa tseómra so lé fuamán na habhann san thíos, is cosamhail lé suantraighe siar san oidhche é: monabhar, labhairt chaoin. Ní fuláir nó bhí fuamán an domhain sa tigh seo amuigh airéir ar an ngeóin 'san éirghe anáirde a bhí aca: lúthghair a's girréis.

fuar: *a.* gan bheith te, glas, tais, tirim (gan mairtéal): amh: neambruithte: neamhthairbheach, neamhchríochnamhail, lithléitheach, coimhtheach: cneasta, díomhaoin, neamhsheascair: ag imtheacht gan treóir. Doradha fuar: doradha gan iomchar air agus bíonn ag imtheacht go héadtrom san uisce. Thuit sé fuar marbh: gan aon déith ná corruighe as san amach. Éist, táim fuar marbh agat ó bheith ag gáiridhe agat: i dtrithidhibh dubha: ag pléascadh lé gáiridhe. D'fhágfadh san fuar marbh thu ar fíge fíodha: mharbhóchadh go fealltamhail thu. Go saoraidh Dia sinn! nách bocht an tigh é, níl faic fuar, te ná beirbhthe ann: amh: gan luid lé bruith. "Más maith leat bheith buan caith fuar agus te": ith gach aon rud a thagas id threó: ná bí beadaidhe. "Is fuar gach fliuch, 'sis dubh gach déidheannach": níl aon rud a bhíos fliuch ná go n-imthightheann a theas. Mo ghradhain é 'n-a fhuath a's 'n-a aonar a's gan aige ach fallaidhe fuara: tigh gan faic lé n-itheadh ann. "Más fuar é an teachtaire is fuar é an freagra": duine gan tábhacht ag iarradh ruda is dóichighde a eiteach. D'iompuigh sé a shrón anáirde, dob fhuar leis rud suarach do shamhlughadh leis: níor mhian leis: budh gheall lé heasonóir leis é. Is fuar an rud d'aonne a bheith ag brath ar an bhfear thall chun a chúraim do dhéanamh: neamhthairbheach: baoth. Scéal fuar bheith ag caoineadh do dhuine a's é san uaigh: gan dóchas, gan tairbhe. Gan chúis gan adhbhar marbhuigheadh é, marbhuigheadh as fhuil fhuar é: gan teasaidheacht gan corruighe antola. Níor ghábhadh dho labhairt chómh fuar leat im fhiadhnaise-se ach go háirighthe, níor fhéach sé id threó fiú: neamhmuinnteardha. Mo phócaidhe fuar folamh i gcathair iasachta: gan airgead ná a luach. "Chídhim an bheirt go mór lé chéile anois, bhíodh fíoch eatartha tamall" – "tá an scéal san fuar anois": an cúrsa san dearmhadta. Ní fheadar an domhan bhraonach cad rinneamair, fuar fánach do labhrann sé linn: go han-annamh ar fad. "Deir sé a phaidreacha" – "sin iad na paidreacha fuara": lithléitheacha: neamhdhúthrachtacha. Shíneas siar ar an mbán fuar a's thógas fuacht a's slaghdán: ar an dtalamh tais: gan aon rud cosantach fúm. Is iomdha lá fuar feannaideach agus oidhche fhuar dhanardha curtha agam dhíom ag iascach: idir ló agus oidhche a gheóbhadh tríot go smior. Bheadh fuar agat bheith leis siúd atá chómh righin le gad: gan aon mhaith bheith d'iarraidh comhthruim do bhaint de. Bheadh fuar ges na daoinibh mara gcabhraidís lé chéile: is iomdha rud do bheadh in easnamh ortha, gan cabhair ó chéile. Deirid go bhfuilid an-fhuar fé airgead: ná fuil sé aca fé láthair. Prátaidhe fuara: gan bruith. Dáirithe fuara: gan iomchar. Fuar ná te ní maith liom é: ar aon chuma ní thaithnigheann sé liom. "Cosa fuara" an ainm cheart duit .i. bír i gcómhnaidhe leathta ar an dteine. Is fuar í do leabaidh anocht .i. an uaigh. Nách croidhe fuar ná corróchadh an bhochtanacht: croidhe gan mhothúilt. Tabhair teas dom, táim chómh fuar leis an sioc, leis an marbh san uaigh, etc.: an teas imthighthe ar fad. Na trí nidhthe is fuaire ar domhan, glúine fir, cíocha mná a's srón con. Tá an saidhbhir fuar riamh ar an mbocht, bhí riamh a's beidh go deo: níl aon bheann ag an bhfear saidhbhir ar an bhfear mbocht. Ná bí chómh fuar chun corruighthe, tá do ghnóth ag glaodhach ort: mall: neamhshuimeamhail.

Má táir fuar orm ná bí fuar liom: mara bhfuil beann féin agat orm ná bí neamhmuinnteardha.

fuaradh: *f.* (*-rtha*) maoladh ar theas, faoiseamh, sos. Tóg an t-uisce den dteine agus leig do fuaradh: an teas do mhaolughadh. Teas an mío-áidh indiugh ann deinimís sos ghár bhfuaradh féin: go n-imtheóchadh an brothal dínn. Fada a dhóthain do coimeádadh cothughadh ar an achrann ach tá fuaradh dulta air: maolughadh: níltear chómh teasaidhe a's bhítheas. Brathaim chómh breóidhte indiugh agus bhíos indé, níl aon fhuaradh fachta agam: faoiseamh: lagughadh ar mo ghearán. An ag fuaradh na haimsire atán sibh annsan, a scata fuairthé: ag caitheamh na haimsire go díomhaoin. An bhfuil an strán mór fós air? nó an bhfuil sé ag fuaradh?: an t-olc ag imtheacht de. Deirim gur mór an fuaradh ar a cháiseamh an t-airgead d'fhagháil chun a fhiacha d'íoc: fortacht, sólás. An scraiste ghá fhuaradh féin ar thaobh na scátha den gclaidhe ón ngréin: ag luigheadughadh brothail a chuirp. "Agus ar n-éigheamh dó-san [an t-am san] adubhairt sé, a Athair Ábrathaim, dein trócaire orm agus cuir Lasarus do chur bárr a mhéire in usice agus d'fhuaradh mo theangan, óir táim ghom ró-phianadh ins an lasair seo" (Lúcás XVI. 24): an teas do chur ar gcúl.

fuaraidheacht: *b.3.* ar dháil bheith fuar: do bheith go mion agus go minic fén bhfuacht. Fuaraidheacht a tháinig leis ó bheith ag síor-obair i gclaiseachaibh fliucha a's a thug dathacha dho: an saghas fuachta a leanas taisireacht. Fuaraidheacht éigin idir mo dhá shlinneán a fuaireas ó léine ná raibh gal ceart an teasa fachta aice. Fógair an fhuaraidheacht d'aonne: ceal an teasa chirt don gcorp. Fuaraidheacht na talmhan féin a's an bhliadhain fhliuch connus fhásfadh na aibeóchadh coirce ná eile ann: taisireacht: dúilidheacht an uisce ann.

fuar-aigeantach: *a.* neamhmothálach, fuar-mheónach. Níor bh'fhearr leis bheith díomhaoin 'ná tú bhualadh gan chúis, tá sé chómh fuar-aigeantach san: a aigne ar chuma ná cuirfeadh nath i ndíoghbháil duine eile. Budh dheacair liom é do thuigsint, é bheith chómh fuar-aigeantach san ag féachaint ar a mhac marbh a's gan deóir ná osna as: ná goillfeadh rud chómh híogair air.

fuaraim: *b.a.* ₇ *n-a.* maoluighim, faoisighim, luigheaduighim a theas, téighim i bhfuaire, staonaim. Níor stad sé ná níor fhuar sé den siubhal san gur shroich sé an chathair, céad míle ó bhaile: níor staon sé: chongaibh sé ar an ndul gcéadna. Ná fuar anois go ndeinir an teachtaireacht so: bíodh t'aigne agus do thriall ar an gcúram atá ort. Cathain fhuarfaidh tíortha so an chogaidh nó an leanfaidh ar an mbuille atá fútha?: cathain mhaolóchaidh an fíoch atá ortha? Níl aon rud dá íogaire ná go bhfuarann leis an aimsir: ná go dtagann neamhshuim ges na daoinibh ann. An té a bhíos amuigh fuarann a chuid: tugtar faillighe ann a's an rud a bheadh aige dá mbeadh láithreach minicighde go gcaitheann dul dá cheal. Cois falla mar sin seadh a fhuarann na scraistidhe sin an aimsir: meilid í: cuirid tharsa í go díomhaoin. D'athchuinigheas air go rabhas leath as mo mheabhair, eaga díolta do thabhairt uaidh, ach (budh) chás do, ní fhuarfadh sé dom: ní ghéillfeadh. Coimeádadh istigh é mar tá an-chrosta, anois fuaradh sé é féin: imthightheadh an fonn mór de. Mar a bhfuil sé ag feitheamh liom fuaradh sé a chosa ag feitheamh liom, mar ná raghad 'n-a dháil: fanadh sé ann.

fuaránta: *a. n-dh.* fionnfhuar, coimhtheach, neamhshuimeamhail. Níl aon dúthaigh, is dócha, san Eóraip gur fuaránta na daoine ann i dtaobh an chogaidh ná in Éirinn: gur neamhshuimeamhla iad. De lá samhraidh deirim leat go bhfuil sé fuaránta a dhóthain, scamaill dhuibheaca ann a's gan amharc ar an ngréin: ceal teasa air.

fuar-bholadh: *f.4.* boladh tais. Oscail na fuinneóga tá fuar-bholadh sa tseómra: boladh cheal aer ghlan. Fágadh an t-éadach leapan an fhaid sin sa chófra nuair hoscladh é gur éirigh fuar-bholadh as: boladh a bhíos in áit mhúchta. Tá fuar-bholadh uait! ní raghainn in aon ghiorracht duit (leamhas): ní maith liom thu.

fuarc: *f.1.* an bunach nó a lithéid eile do cuirtear i síomaidhibh bád a's árus chun a ndéanta díon-uisce: an taobh istigh ar fad den gcorp. Sháidh sé an scian go fuarc (fuirc) ann: chómh fada isteach agus b'fhéidir léi sroichstint.

fuar-chásaim: *b.a. 7 n-a.* cásaim go truaighmhéileach, cásaim (cáisighim) gan tairbhe dhom: ceisnighim. D'fhuar-cháisigheas me féin leis – ná raibh faic lé n-itheadh agam ná scailp os mo chionn i gcóir na hoidhche: ghearánas go dolbhach ar m'aiste aindeis. Níl lá dá shaoghal ná go bhfuar-cháisigheann é féin lé duine éigin, an béal bocht do shíor air: bíonn ag gearán lé súil go mbeadh rud éigin dá bharr aige.

fuar-chásamh: *f.1.* gearán a's cannrán truaighmhéileach, cnáimhseáil gan toradh, ceisneamh. B'é an fuar-chásamh dom a iarraidh air an lá fada do thabhairt dom ó bhíos chómh bocht go mbéarfadh cabhair Dé orm, is amhlaidh adubhairt é d'íoc ar an bhfód!: iarratas truaighmhéileach, neamhthuramhail: athchuinghe ná fuair cluas. Easbaidh sa tsaoghal níl ar an sprionnlóir sin, ach fuar-chásamh: bheith ag gearán lé tnúth go bhfaghadh a's gan aon chall leis. Tá airgead – na leaga liatha – sa bhannc gen gcladhaire gearánach san, sin é go dtugaim-se fuar-chásamh cruinn air: ag gearán 'sag ceisneamh a's ag déanamh truaigh dho féin. Choidhche ná bí ag fuar-chásamh, má bhíonn do chion fachta agat: ag ceisneamh.

fuar-chrábhadh: *f.1.* cluainireacht chreidimh, deallramh bréige creidimh nó subháilce. Maran cladhaire ceart é, nách féidir dul amach air, níl aon fhuar-chrábhadh ag baint leis, chídhim ag friotháilt teampaill a's dualgas é go tráthamhail: duine gur féidir leis a leigeant air gur fearr é 'ná mar tá. Iad súd a fuair bás go calma ar son a dtíre is beag an fuar-chrábhadh a bhí ag baint leó: ceal dúthrachta.

fuar-chráibhtheach: *a.* bréig-bhéalach, cluaineach, ceilt-inntineach, lag-chreideamhach. Tuigtí dos gach aonne gur bhean fhuar-chráibhtheach í toisc ná feictí ag dul chun teampaill í, a's bítí ag suainseán 'sag cúlchainnt uirthe: ná raibh puinn éilimh ar Dhia aice. Chómh milis lé mil dho it fhiadhnaise, ach ar do chúl a mhalairt, is fuar-chráibhtheach liom é mar choidreamhach: ceilt-inntineach: sleamhain-rúnach: i ndán a aigne d'fholachadh go maith.

fuar-chrapadh: *f* (*-ptha*) manaliobar, manaleathar, mairbhleacht. Nár bh'uathbhásach an fuacht é, a fheara, amuigh i gCeanaide an fuar-chrapadh do dhein sé ar mhéireannaibh a

lámh nár dhírigheadar riamh ó shoin: seargadh féithleóg. Mara maoluigheann an sioc so agus é do mhaolughadh go luath, ní eól dom cad scéal agam é, táim ag fuar-chrapadh cheana féin leis: mo bhaill ag seargadh 'sag casadh ar a chéile gan anam ná braithstint.

fuar-chúis: *b.2.* cúis nó adhbhar suarach, cás dimileaghach. Fuar-chúis atá agat air, mara ndubhairt sé leat, ach ná raibh beann madra ar a athair aige ort, cá bhfuil a bhac san air?: cúis gan tábhacht. Ar dtúis ní dheárna mórchuid daoine ach fuar-chúis d'aithbheódhachtaint na teangan go dtí gur fhoillsigh an riaghaltas dóibh é: neamhthábhacht. Mara mbeadh fuar-chúis na ndaoine bheadh tighthe níos fearr aca ó tá an t-airgead chúcha lé fagháil ar iasacht ón Riaghaltas: neamhshuim: ceal iad féin do chorruighe. An fhuar-chúis is bun lé meirg do theacht ar an ngléas san: neamhshuim a's faillighe.

fuar-chúiseach: *a.* neamhshuimeamhail, neamhdhúthrachtach, neamhchásmhar. Is fuar-chúiseach liom an focal is measa 'n-a bhéal dom, aon mhairg ní chuireann orm: neamhshuimeamhail. Ró-fhuar-chúiseach do bhíos 'n-a thaobh, a's a rian air níor thugas leath a dhóthain aire dho: neamhchásmhar: ní rabhas 'n-a cúram mar budh cheart dom. Annso in Éirinn is fuar-chúisighe sinn i dtaobh an chogaidh 'ná i dtíorthaibh eile: neamhdhúthrachtaighe: ní chuireann sé an oiread líonruithe orainn ná ní shuadhann sinn.

fuar-ghaoth: *b.2.* siolla, aer neamhghlan. Codailt ní fhéadfá sa tseómra ge fuar-ghaoth – ní bhíodh fuinneóg ná eile ar oscailt ann: aer trom, salach. Fuair an t-ím, an t-iasc (aon rud díombuan) fuar-ghaoth a's tháinig blas cabhruighthe air ná féadfá é d'itheadh: gaoth nó aer ná raibh glan. Fuar-ghaoth an Mhárta ná beadh i bhfad ag cur creatha ort: an siolla géar. Bhí gaoth ann agus dob í sin an fhuar-ghaoth: gaoth ghéar a bhraithfeadh duine go binn.

fuar-ghaothach: *a.* gaothmhar, nimheamhail. Is annamh lá ná bíonn sé fuar-ghaothach ar bharr na binne: dá luighead séideadh a bhíos ann go mbíonn sí nimheamhail. Baile fuar-ghaothach seadh é toisc na háite scéirdeamhla atá sé suidhte: pé uair go mbeadh gaoth ann leanfadh nimh í.

fuar-ghaothach: *b.2.* gaoth nimheamhail, neambinn. Tagann fuar-ghaothach gach aon lá den mbliadhain tríd an mám tá slogadh éigin aige uirthe, chuirfeadh sí ort do bhalcaisidhe d'fháscadh umat: siolla go mbíonn nimh air. Istigh i seómra múchta do bhí an t-iasc (fheóil, ím etc.) agus dá dheascaibh tá blas na fuar-ghaoithighe air: blas leamh, cabhruighthe. Ag oibriughadh i seómra mór fuar-ghaoithighe gur ghéire go mór an siolla 'ná bheith amuigh fén aer glan.

fuarmáil: *b.3.* glór trom, siansánach, glór tóirnighe. Áthrach mór cheithre gcrann fé n-a téadaibh sa slataibh budh mhór é a fhuarmáil oidhche stoirmeach: fothrom diabhalta a's feadghail ghéar, uathbhásach. Codlatánach an-bhraithteach seadh me ná leigeann fuarmáil na gaoithe sa tsimné néal ar mo shúil: an glór siansánach millte ná téigheann lag air. Cad é atá ag déanamh na fuarmála so go léir ar an úrlár thíos, gur dhóigh leat go bhfuil an troscán dhá smiotadh ar a chéile: cnagarnach a's gleódh. An dá bhróig mhóra, throma a cheangluigheas den dtalamh é is mór an fhuarmáil do ghníd, budh dhóigh leat

gur capall chughat é: glór trom, aindeis. Níl aon cheal cainnte air ach gur fuarmáil is mó do bhíonn aige: árd, láidir, buailimsciathach. Thíos i seómra innill luinge do bhíonn an fhuarmáil nuair bhíonn siubhal mór dhá bhaint aiste: glór a scoiltfeadh do cheann. Beidh fuarmáil ar an bpósadh san anocht: gleódh a's geóin, rince a's amhráin.

fuarmóir: *b.3.* suiséal an-mhór, leathan-bhéalach.

fuar-spreós: *f.3.* faillighe i ndualgas, manaois, fuaire. Lé fuar-spreós a's ní lém thoil ná ceal cuimhnimh air nár chuireas i ndiaidh bonn do chur fém bhrógaibh sar ar imthightheadar thar fóir: ceal bheith críochnamhail: gan bheith cúramach i dtaobh mo thairbhe féin. Baineann sé lé n-ar gcumann ach is annamh thagann 'n-ár ngoire níl aige innte ach fuar-spreós: suim nách fiú d'áireamh. Bheadh sé ag baile fadó riamh, cá raibh a chúram chun é do mhoilliughadh ach an fuar-spreós: gan sprioc do dhéanamh de: gan é ghá bhualadh 'n-a aigne gur cheart ná gur chuibhe dho luathughadh. Ó bhliadhain go bliadhain bhí sé ghá scaoileadh tharais gan a dhualgas creidimh do chóimhlíonadh lé fuar-spreós: éalódh na haimsire air trí neamhthuigsint a tábhachta.

fuar-spreósach: *a.* faillightheach, manaoiseach, neamhchríochnamhail. Ní fhágfadh aon bhean tighe ach bean tighe fhuar-spreósach áraistidhe búird gan glanadh ó bhéile go béile: bean gan chrích, gan slacht. Feirmeóir fuar-spreósach a fhágfadh gceataidhe a ghort ar leathadh go bhféadfadh gach fánaidhe ainmhidhe dul i bhfoghail air: ná beadh a chúram ag cur an tinnis chirt air. Má tá sé ag foghluim féin is go fuar-spreósach é, is annamh a chídhfeá leabhar ná eile aige: gan puinn suime dhá chur aige san nidh gur chóir do suim mhór. Bheadh marcaidheacht abhaile aige a's níor ghábhadh dho na mílte do shiubhal dá ndeineadh aon sprioc do ach tá sé ró-fhuar-spreósach: ró-mhanaoiseach: gan bheith pras chun a bhearta do chur chun cinn nuair gheibheann sé an chao air. De theist ag Púncáin orainne do bheith fuar-spreósach a's de mheas aca ortha féin do bheith beódha, mear: mall, siléigeach i ndiaidh gnótha.

fuarthan: *f.1.* faoiseamh, bogadh, fuascailt, áit fhionnfhuar. "Má tá fuigheal faoisdine, dearmaid aifrinn, briseadh lae shaoire ná Dhomhnaigh ná aon smáilc de smáilcibh dubha an tsaoghail seo ar a n-anam, Dia, Muire, Mícheál Naomhtha a's cúirt naomtha na bhflaitheas go dtugaidh fuarthan, fuascailt agus suaimhneas síoraidhe dá n-anam": faoiseamh, maolughadh ar a bpian. Fothain ón bhfuacht a's fuarthan ón dteas duit bheith id chómhnaidhe sa ghleanntán chluthair seo: cosaint ar theacht an teasa. Deir sé féin ná fuil aon fheabhas air a's pé cogus a fuair ón ndochtúir nár thug sé fuarthan ar bith do: faoiseamh: luigheadughadh ar an bpian. In árd an lae bhíodh an ghrian chómh láidir sin gur bh'éigean scur agus dul fé scáth crann chun fuarthain d'fhagháil: fuascailt ón dteas. Ars an té go raibh an dúil mhairbh san ól aige, "cá bhfuil an fuarthan mar an tigh tábhairne?": áit ná buailfeadh teas ná brothall duine.

fuascailt: *b.3.* (*-calta, -caltha*) scaoileadh, réidhteach, faoiseamh. Go dtugaidh Dia fuascailt ar ár bpeacaidhibh dúinn: maitheamhnachas. Ar feadh dhá mhí bhí na hoileánaigh síon-theanntuighthe gen stoirm a's iad ar cheal bídh gan aon fhuascailt: fóirthint. Iompuigheadh é féin 'sa chapall sa thrucaill a's b'éigean cabhair mhór fhear chun a bhfuascalta: iad do thógaint a's do shaoradh. Ní haon fhuascailt a gheóbhaidh sé

ar a iomard anois ach aon fhuascailt amháin, an bás: faoiseamh: rud a chuirfidh ar neamhnidh a dhuadh. Fadhb ró-dheacair dómh-sa seadh í mar ná fuil an t-eólas agam, níl a fuascailt agam: a réidhteach. Chuala go raibh saighdiúiridhe na Gearmáine rithte isteach sa Bheilg, an bhféadfá aon fhuascailt do thabhairt dom ar an ráfla so: deimhniughadh. Thóg na báillidhe mo chuid stuic lé cíos fiche púnt a's ní fhéadfainn iad d'fhuascailt gan an t-airgead: iad d'fhagháil as géibheann. Níl aon rud is mó do thugadh fuascailt ar ghaoith don seanmhnaoi, deireadh sí, ná seach den sean-phíp: faoiseamh: bogadh. Tá sé cruaidh 'n-a bholg lé seachtmhain gan aon fhuascailt fós. Gearánann na Lochlannaigh go diair ná tháinig na Cómhachta Cómhair chun a bhfuascalta mar budh cheart dóibh: chun a gcabhartha in aghaidh na namhad. Chaith sé fiche bliadhain i gcarcar gan fuascailt: gan cead a chos do thabhairt do. Gheall sé di go bhpósfadh í, bhí sé d'iarraidh dul 'n-a chois ach ní thabharfadh fuascailt do: ní scaoilfeadh ó n-a gheallamhaint é: choimeád an ionga dhearg air. Fuascailt na cinidh daonna ag Íosa Críost Mac Dé: saoradh ó dhamaint. Chuaidh mo chos isteach i scoilt carraige agus choidhche ní fhéadfainn me féin d'fhuascailt gan mo chos do tharrac as an mbróig: do thabhairt saor.

fuascailte: (**fuascalta, fuascaltha**) *a.r.* saortha, scaoilte, réidhtighthe, faoisighthe. Chuaidh an téad in achrann agus bhí uair an chluig ann sara raibh sí fuascailte: réidhtighthe: a snaidhmeanna a's a lúbadh scaoilte. Sin é an té a bhí dingthe greamuighthe fén ngluaisteán fuascailte agam lé neart mo ghéag: tugtha saor. Deirim-se leat ná fuil sé fuascailte fós, tá mí eile le caitheamh fé ghlas aige: scaoilte saor. Go gcuireadh Dia fios air ní bheadh an tsnaidhm fuascailte aige mara mbeadh an chabhair do fuair sí, bhí sí chómh crosta, daingean san: réidhtighthe, oscailte. Dá mbeinn fuascailte ón ngeallamhaint atá orm budh mhór an fuarthan dom é: saortha: deireadh do chur lé n-a cuing orm. Mara mbíonn an chathair fuascailte fé mhaidean tuitfidh sí lé lucht a hionsaidhthe: fóirithint tugtha uirthe. Árd-fhear teacht léd chóngamh, táim fuascailte go mór aca: breis den nduadh bainte agat díom.

fuascailteach: *a.* scaoilteach, réidhtightheach, saoirseach. Deoch mhaith fhuascailteach seadh bláthach: a chuirfeadh an inne ar gluaiseacht. Budh mhaith, agus b'árd-mhaith an fear é – is minic do shín sé a lámh fhuascailteach chun an duine bhoicht agus thóg as a bhroid é: lámh chónganta. B'éigean beárna fhuascailteach do dhéanamh sa chlaidhe chun an uisce d'iomchar sara mbáthadh an baile: saoirseach, a thug oscailt don uisce. Arsa rí na Beilge, "tá ár gcómhghualnaidhthe fuascailteacha, Sasana a's an Fhrainnc, ag brostughadh chun ár gcabhartha": lucht fóirithinte.

fuascailteacht: *b.3.* sacoileadh, réidhteach, bogadh. Ní haon fhuascailteacht dúinn cad é an deireadh bheidh ar an gcogadh so má bhíonn a greim ag Sasana orainn: bogadh: faoiseamh. An té a théigheas go hifreann nách uathbhásach é ná fuil fuascailteacht ar bith lé fagháil aige: faoiseamh ná saoirse. Fuascailteacht don mbád dob eadh an seól do luigheadughadh uirthe: éadtromughadh ar an strus ón ngaoith uirthe.

fuascailteóir: *f.3.* saorthóir, réidhtightheóir. Choimeád na báillidhe mo chuid earraidhe toisc nach raibh aon fhuascailteóir ortha: duine a dhíolfadh pé airgead a bhí ag dul 'n-a gcoinnibh. Dia an fuascailteóir: níl aonne mar Dia chun ár mbroide do réidhteach nuair is toil leis é. Greamuighthe go dlúth dhom idir dhá charraig chloiche a's ná féadfainn teacht

as go dtáinig beirt fhuascailteóiridhe a réidhtigh me: saorthóiridhe: beirt a scaoil díom na carraigeacha.

fuascar: (**fuanscar**) *f.1.* sceimhle, scannradh, anamhóin, anaithe. Dá thagairt duit go bhfuil sé eaglach, thiocfadh fuanscar air nuair bheadh duine eile ag gáiridhe: sceimhle mhór. Ar an bpáipéar do bhí sé gur theich na daoine sa chathair soir siar lé fuanscar nuair tugadh rabhadh an ionsaidhthe ón aer: scannradh anama. Thuit a ghéaga siar síos leis lé fuascar nuair cumadh do go rabhthas chun bráighe do dhéanamh de: imeagla obann.

fuasclaim: *b.a.* scaoilim, saoraim, réidhtighim, deimhnighim, fíoruighim. Fuascail! táim ceangailte: scaoil as an ngreim seo me. "Má bochtnuightear do dhreatháir agus go reicfeadh cuid dá sheilbh agus go dtiocfadh aonne dá ghaoltaibh ghá fhuascladh, annsan fuasclóchaidh sé an nidh do reic a dhreatháir" (Leibh. XXV. 15): aithcheannóchaidh. Thuit an coiréal air agus cé gur fuascladh (fuascluigheadh) é thug sé ró-fhada múchta fén dtrufais a's fuair bás: gur tógadh amach é. Fuascail do mhaide, tá sé dulta ró-dhoimhin 'on uisce: bog é: tóg ó ualach an uisce é. Fuascail mo lámh, adeirim leat: scaoil do ghreim di. Fuascail cos an chapaill: pé greim atá uirthe bain as í. D'fhuascail sé a mhac ó lucht a fhuaduighthe ar dhá mhíle dolaer: ar an méid sin d'íoc tugadh do é. Ní fhuasclófá choidhche an chruaidhcheist sin níl léigheann do dhóthain ort: ní réidhteófá: mhíneófá. Ní fhuasclóchaidh caoi choidhche do bhrón: ní mhaolóchaidh. D'fhuascail sé fírinne an scéil nuair chuir in iúil go soiléir gur mar sin do bhí: dhearbhuigh, dheimhnigh.

fuath: *f.3.* gráin, díomas, déistin, doc, col, gráin mhairbh. Níl fuath agam do neach: droch-aigne ná fonn a sheachanta. "Cuirfead-sa fuath an tighe-se ort-sa, a fhir mhaith, mara stadair de bheith ag suirghe lém inghin", ars an t-athair díbheargach: ruaigfead tu agus ní bheidh fonn fillte ort tréis an déanaimh do gheóbhair uaim. "An nglaodhfam ar Sheán 'n-ár gcuideachtain?" – "níl aon fhuath agam do": níl col agam leis: níl aon doicheall agam lé n-a bheith 'n-ár gcuideachtain. Ó bheith ag itheadh an iomad muicfheóla tá fuath tugtha aige dhi: tá casadh tagtha 'n-a aigne aige roimpe. Tamall bhíodar chómh ceanamhail ar a chéile agus d'fhéadfadh a bheith, a's nách mór an fuath atá aca dá chéile anois, ná féachaid ar a chéile: díomas: aigne neamhthaithneamhach. Budh dheacair bheith briste leis ní raibh fuath aige do dhuine ná d'ainmhidhe: drochaigne ná fonn a seachanta. Thug an t-éan fuath don nid nuair bhíodh an iomad garsún dhá fiosrughadh: d'iompuigh sí 'n-a choinnibh agus do thréig ar fad í. B'fhuath leis aonne do theacht i ngoire a thighe toisc na mná breágha a bhí aige a's é lán d'éad: bíodh an ghráin mhairbh aige ortha. Ní bhfaighinn uaidh ach an t-eiteach mar ná fuil aige dhom ach an fuath: aigne me do sheachaint a's gan baint do bheith aige liom. "Níl grádh dá mhéid ná go dtagann fuath dá réir": ní raibh mór riamh ná beadh beag: nuair thuiteann daoine an-mhuinnteardha amach lé chéile ní bhíonn aon teóra leis an ndroch-aigne bhíonn aca dá chéile. Do ghaibh fuath dá chorthaibh é a's d'iompuigh ar Dhia: gráin agus tréigean. Is ait liom é, mar dar liom, ná fuil cúis sa tsaoghal aige orm, a's líon sé de dhubh-fhuath dom: tháinig an ghráin mhairbh aige air. Is fuath liom obair: rud seadh í ná taithnigheann liom buidhe, dubh, bán ná breac. Is fada riamh go bhfeacamair ar an mbaile seo thu, thugais fuath ar fad do: d'fhanais uaidh: shéanais é (gan chúis gan mícheann). Cad chuir an fuath ort?: an teicheadh, an t-imtheacht chómh luath. Cad é an fuath atá abhaile fós ort, ná fuil an oidhche luath?: an deifir mhór. Fear do cheana fear t'fhuatha: an té is mó cion ort ní

dóichighde ’ná a chéile ná go dtiocfadh an ghráin aige ort lá éigin agus dá dtagadh, fuath fíochmhar do bheadh ann.

fuathach: *a.* gráinmhear, míomhaiseach. An tsúil fhuathach do thug sé orm nuair rug sé sa bhfoghail orm: lán de ghráin. Cladhaire fuathach nár bh’fhearr leis bheith díomhaoin ná bheith ag déanamh toirmisc: duine gráineamhail. Ní raibh coir fhuathach idir ghoid, mharbhadh agus uile ná go raibh déanta aige: déistinneach.

fuathmhaire: *b.4.* ar dháil bheith fuathmhar, gráineamhail, déistinneach. Aonne a chídhfeadh iad ag gabháil ortha lé ceap a ngunnaidhe a’s ag cur a mbeaignitidhe go fuirc ionta thugadh fuathmhaire air dóibh: gráin agus déistinn. Níor bh’féidir gan é do chrochadh ar fhuathmhaire na cora do dhein: uathbhásaighe. D’iompuigh sí a ceann i leathtaoibh lé fuathmhaire don gcainnt dhraosta a bhí ar siubhal: tháinig gráinidheacha ar a cuid fola lé gráin a’s náire.

fuathmhar: *a.* lán de ghráin nó de dhéistinn: lán-mhíomhaiseach. Duine an-fhuathmhar é nuair bheadh id choinnibh: gráinmhear: lán d’olc a’s de mhíothaithneamh. Is fuathmhar leis gach aonne fear meisce ach leis féin: bíonn an ghráin air aca. Dar liom go bhfuil an-fhuathmhar agat dom, fiú amháin ní bheannuighir dom: ná taithnighim beag ná mór leat.

fuathughadh: *f.* (*-uighthe*) do thabhairt fuatha, déistinn do theacht ag, míothaithneamh, míghean: seachaint. An dtugair fé ndeara go bhfuilid ag fuathughadh a chéile, ná feicfeá choidhche anois chómh minic i bhfochair a chéile iad agus ná cloisfeá duine aca ag trácht ar an nduine eile: ag seachaint cuideachtan a chéile a’s ag lagughadh ar a muinnteardhas. Thosnuigh an t-éan ar an nid d’fhuathughadh nuair bítí ghá coilleadh bliadhain ar bhliadhain: ghá tréigean. Is ait an fuathughadh do thug séirdínidhe don gceanntar so a bhíodh tuillte leó ná faghfá súil cinn aca anois ann: an tréigean lé cúis éigin. Innis dom cá mbfáth go mbír ghom fhuathughadh, téighir treasna na sráide nuair chídhir ag teacht me?: ag seachaint me do theangmháil ort. Budh gheairrid pósta iad nuair thug sí fé ndeara go mbíodh sé ghá fuathughadh: ná bíodh sé ag foillsiughadh an cheana di budh dhual d’fhear céile. Aonne chómh maith leat-sa a dhéanfadh rudaidhe neamhmheastamhla mar dheinir gheóbhadh sé an fuathughadh céadna uaim: míothaithneamh conbharsáide.

fuathuighim: *b.a.* tugaim gráin do, seachnaim a’s séanaim, tréigim lé míothaithneamh. Dá mhéid do chion ar an dtigh sin a’s an maoidheamh atá agat as gheóbhair mise amach go bhfuathóchair fós é, ná raghair ’n-a ghoire a’s ná beidh focal maith agat d’aonne aca: go séanfair a’s go seachnóchair iad. I mball ná i mbeárnain ní fheiceann aonne againn thu, d’fhuathuighis ar fad sinn: d’fhanais iargcúlta, seachantach uainn. D’fhuathuigh an fiolar na hoileáin seo leathchéad bliadhain ó shoin pé ciall é, ceann ní feacthas ó shoin ann: shéan sé é: d’imthigh as. Fuathuigh an peaca más mian leat t’anam do shaoradh: bíodh gráin agat do. An chainnt dhraosta san, os chómhair leanbh go mórmhór, fuathuighim lém chroidhe go hiomlán: bíonn an ghráin agam uirthe: bím bréan, déistinneach di. “Acht fuathóchaidh tú é tríd siar, agus beidh gráin ort roimis go hiomlán, óir is nidh malluighthe é” (Deut. VII. 26): tabharfair do chroidhe ’n-a choinnibh lé míghean toisc a mhalluightheachta. Dá fheabhas na baoitidhe do chuireas chun na mbreac mbraithteach úd d’fhuathuigheadar iad: sheachnadar: d’fhanadar uatha ar eagla a

ngabhtha etc. Trí n-a n-iomad turasadóireachta ar nid éin fuathuigheann fé dheireadh í: éimeann í: tréigeann.

fuathuightheóir: *f.3.* duine go mbíonn gráin aige do..., séantóir: meathtach. Budh mhór an póitire tamall é, anois tá 'n-a fhuathuightheóir cheart air: duine ná buailfeadh barr a theangan air. Fuathuightheóir ban: fear nách mian leis a gcuideachta. Droch-locht atá air, fuathuightheóir seadh é má chíonn sé aon rud ge n-a chómharsain ná bíonn aige féin, is mór leis é: fear éada. Airiceach diabhail é sin ná feacthas ó shiubhal sé ar dtúis i gcómhluadar ná i gcuideachtain ach ag imtheacht 'n-a fhuathuightheóir: 'n-a dhuine iargcúlta, coimhtheach.

fuathuighthe: *a.r.* tréigthe, seachanta trí mhíothaithneamh, an ghráin do bheith air. Nár mhaoidhidh Dia a shaoghal ná a bheatha air 'n-a chadhain aonair gan focal cainnte ag aonne dho, é fuathuighthe aca: seachanta, éimthe a's éartha. "Bíodh toitín agat" – "ní bheidh táid fuathuighthe agam": tugtha suas lé míobhlas ortha. Níl aon fhear is fuathuighthe sa bhFrainnc ná an Sasannach, mol é lé Franncach a's lasann sé: is mó go bhfuil gráin air. Budh mhór é a ghradam tamall, ní bhíodh i mbéal 'si mbrághaid gach aonne ach é, anois ní bhíonn a thuairisc, nách mór tá sé fuathuighthe gen gcoitchiantacht: míothaithneamh tagtha aca air. Fuair na garsúin nead fhuathuighthe gan ubh, gan gearrcach, gan éan: tréigthe. Cuan fuathuighthe seadh é: cuan do sheachnann luingeas le n-a olcas.

fuidheach: *a.* líonmhar, slaodach, flúirseach, tuilteach, (go) bog, (go) saoráideach. Cad dob áil leat ag cainnt ná ag áiteamh, tusa ná feadair faic, ná feiceann tú gur bhuaidh an bád bán go fuidheach, ná raibh sí céad slat chun cinn: go bog: go neamhspleádhach. Tá na cheithre fichid fágtha 'n-a dhiaidh go fuidheach aige: bliadhain nó dhó breise. Cuirfidh do dhroichdheáibreacha ag caoi go fuidheach thusa fós mara n-atharruighir an fuadar atá fút: beidh brón a's dolbhach ort. Fuil ag teacht go fuidheach as an ngearradh do cuireadh 'n-a cheann, 'n-a shróthánaibh a's 'n-a fóidreachaibh: 'n-a slaodaibh: gan chosc: 'n-a tuiltibh. Ar éirghe dhom bhí an lá go fuidheach ann: bán, gléigeal, geal. Léim sé go fuidheach an claidhe: go neamhspleádhach, gan aon duadh. Ná bíodh aon truagh agaibh don mbreillice, tairngidh air, tá airgead go fuidheach aige: go flúirseach. Nár dhiail an goile a bhí aige go n-íosadh leathcheann muice go fuidheach: go bog: gan duadh.

fuigheall: *f.1.* an méid a mhaireas tréis bháis dhaoine eile: beathach, an méid a fhanas tréis ranna nó a bhíos in easbhaidh ar shlánughadh ruda. Má tá fuigheall faoisdine, dearmad aifrinn etc.: peacaidhe nár cuireadh síos. Féach air, bail ó Dhia air, níl aon fhuigheall baistidhe air, nách cumasach, acfuinneach an clódh atá air: iarsma cuirp trí dhearmhad éigin san mbaiste. "Ná fág fuigheall an lae indiugh fé mhargadh an lae ambáirigh": an rud is féidir leat do dhéanamh indiugh ná cuir ar gcúl go maidean é. Níor fhan aonne den bhfoirinn gan báthadh ach é, b'é an t-aon fhear fuighill é: a mhair tréis na coda eile. Táim deimhnightheach gur iomdha fuigheall pinn ar an scríobhnóireacht so: stroilleamhaint, máchail leitreach ón bpeann. Saghas éigin bolgaighe é sin ar a aghaidh fuigheall droichbhreóidhtighe: deasca. Ní mór ná go bhfuil sé go léir agam, tá fuigheall beag orm, ní mór in ao'chor do shlánóchadh an t-iomlán: easbaidh beag. Má tá cruadhtan féin cuirtear muinghin as Dhia, tá saoghal na bhfuigheall ag déanamh orainn: go mbeidh

flúirse a's raidhse de gach nidh againn. "Chun na fírinne d'innsint agus a chirt féin do thabhairt dos gach aonne dá mbeinn in am, ní hé an fuigheall a thuitfeadh liom: an t-earrasbarr: an méid a fágadh gan itheadh rómham. Uair eile tá fód catha déanta den mBeilg agus is iomdha cath a cuirfear gur beag é an fuigheall áir: an méid a mhairfeas 'n-a dhiaidh. "Cad é do mheas ar thógáil an tighe sin?" – "tá sé gan fuigheall": gan locht ná máchail: aon rud níor fágadh gan déanamh. Bailigheann an fhaoileann léi fuigheall na gcearc: an biadh ná hithid. "Agus fuigheall na hola a bhíos i láimh an tsagairt doirtfidh sé ar cheann an té a bhíos lé glanadh etc." (Lebh. XIV. 18): an méid nár baineadh áis as. A fhuighill na croiche, fág mo radharc!: duine gur dearmhadadh a chrochadh agus é tuillte aige. "Uime sin tóg suas t'úrnaighe ar son an fhuighill do fágadh" (Isa. XXXVII. 4): ar son an méid nár guidheadh leó. Líonaimís ár bpócaidhe d'fhuigheall bhídh na ndaoine saidhbhre: an méid d'fhanadh 'n-a ndiaidh.

fuighleach: *f.1.* earrasbarr, an comhthrom, dríodar, an méid a bhíos fágtha d'aonnidh tréis bheith réidh leis. "An bhfuil do dhóthain agat?" – "mo dhóthain mór a's fuighleach": breis, oiread agus ná teastóchaidh uaim. Beir fada air, cá bhfuil do dheabhadh, tá fuighleach aimsire agat: breis agus ná teastóchaidh uait. Fuighleach fear chun catha ag gach taobh: oiread fear agus nách gábhadh dhóibh. Dá mbeití ag cur ruda chun duine nuair bheadh leór aige déarfadh sé, "fuighleach": stad anois. "Ólann an rí fuighleach an chait" a rádh ná hólfá-sa as m'árus-sa: dá n-éaluigheadh cat ar bhiadh an righe i ngan fhios d'íosfadh é gan dochma. Baintreabhach ní phósfadh sé, ní bheadh fuighleach aonne aige: rud a bhí i ndiaidh duine eile. Ní raghadh a thuilleadh uisce sa tsoitheach san, cuir an fuighleach sa chalán: an t-earrasbarr: an méid atá spártha. Fuighleach táilliúra: na blúiridheacha a fhanas gan áis do bhaint asta. Caith fuighleach an bhúird chun an mhadra: an brúscar: giotaidhe beaga aráin, feóla etc. "Cad é an déanamh a fuairis uatha?" – "an fuighleach": an méid nár theastuigh uatha féin. "Is fearr fuighleach ná easnamh": rud bheith lé spáráil 'ná bheith siar. Meas fuighligh atá aca air: mar bheadh ar rud ná beadh aon ghnóth de. Tá fuighleach faid sa tigh den méid gnótha bheidh agat de: fada a dhóthain. Ní raibh d'fhuighleach an phúint agam tréis feóla do cheannach ach scilling: sin a raibh fágtha. Beidh adhbhar chun fuighligh sa pháirc sin: beidh go leór ann agus é spártha. Anois tá fuighleach des gach aonnidh siar síos againn, buidheach 'o Dhia: flúirse de gach uile rud.

fuil: *b.2.* an lacht a ghluaiseas ón gcroidhe trís na féitheannaibh: sliocht, gaolta: líon, muinntire: pór. Shéidfeadh sé fuil shrón dá gcloiseadh sé thú ghá rádh go raibh aon ghaol agat leis: lé déistinn thiocfadh an fhuil trí n-a shróin. Cad chuirfeadh an fhuil shrón leis ach fuacht trom. Longaidhe fola ag teacht as an ngearradh do cuireadh ann: cnapáin, clútaidhe. Fuil ag teacht 'n-a fóidreachaibh: cnapáin mar bheadh sí teachtuighthe. As an áit gur sáthadh é ling feadán fola: streall fhada, chaol. Bead leat go fuil: seasóchad ar do shon go deireadh na scríbe. Cé thiocfadh eadraibh ach amadán, an fhuil chéadna sibh: an treibh nó an braon céadna. Ag tabhairt (ag cur) fola: í bheith ag teacht go fuidheach. Ní hag tabhairt fola do bhí sé ach ag caitheadh fola: í ag teacht 'n-a feadhánaibh gan aon traochadh ná lagadh. Aithnigheann an fhuil a chéile: is báidheamhail iad lucht aon chinidh: tagann daoine gaolmhara i bhfochair a chéile. Doirtfear fuil ar fhód catha na hEóraipe airís: déanfar ár trom. Bhíodar ag gabháil ar a chéile agus ag tuargaint a chéile gur bhaineadar fuil mhairt amach: gur shileadar oiread di agus dhéanfadh mart do

mharbhófí: gur thugadar cuma-bhrughadh dá chéile. Do chuid fola agus feóla féin is iad iad: go ghaolta dlútha. Budh dhual do bheith fial, tá sé sa bhfuil aige: bhí na daoine a tháinig roimis mar sin. Cad dhéanfadh borradh na fola, ní fhéadfadh sí í féin d'iomchar: teas, mire, corruighe. Bhíodar ag gabháil ar a chéile gur chuireadar breasal fola ar a chéile: go rabhadar smeartha dearg léi. Ó, an riabhach faic agam, ní féidir fuil do bhaint as teornap: an girrfhiadh do chur as an dtor ná bíonn sé ann. An dá arm ag ionsaidhe a chéile lé dhá lá go bhfuil cath fola eatartha: cath fíochmhar. Lé fada riamh tá an drochfhuil istigh aca san dá chéile: drochaigne: fíoch. Glan an rian (rianán) fola atá ar do bhéal: cómhartha. Tabhair aire na fola do san, nó má imthightheann aon rud air beidh ar t'anam: aire cheart, imshníomhach. Lá eile oibre ní thabharfainn duit, tu ag baint alluis fola as na daoinibh: ghá n-oibriughadh ró-dhian ar fad, ar fad. Aicíd seadh an chrithir fhola a chuireas na céadta caora chun báis: [na cómharthaidhe, iad d'at a's sobal bán lé n-a mbéal]. "Ar ngabháil uisce dho chuige d'ionnail sé a lámha i bhfiadhnaise an phobail, ghá rádh, táim-se neimhchionntach ar fhuil an fhíréanaigh seo, féachaidh-se chughaibh féin" (Matha XXVII. 24): marbhadh. Mara leigir don bhfear san beidh do chuid fola air: marbhóchaidh sé thu. Nuair cuireadh an strán air, ar bhfeicsint na díbheirge a bhí chuige gan chúis d'éirigh an fhuil in uachtar uchta aige: múscladh a mheanma muinntire. Cuirfead fuil air: buailfead a's gearrfad é. Fuairtheas bóithre fola sa díg, a fhoillsigh go soiléir gur bh'é fód na cortha é: rianta iomadamhla fola. D'imthigh an fhuil an lá leigtear dóibh buadhachtaint orainn: tá an spirid claoidhte. Beart ghráineamhail, mar duine do bhualadh gan chúis, cuireann gráinidheacha ar mo chuid fola: cuireann fuath déistinneach agam do. Léan air! connus eile dhéanfadh sé ach teip, níor rith an fhuil ann: ní dheaghaidh sé lé n-a dhúthchas. "Fuil an bhallaigh", deirtear lé hiascaire ghá mhisniughadh nuair bhíonn breac ar a dhubhán aige. Faid bhí aon mhaith ann budh mhór an fear fola é: fear bruigheantach. Thug sé fuil a chroidhe: ní raibh braon fola ann nár thráigh as: chaill sé mórchuid fola. "Agus thárla go raibh athair Phuiblis 'n-a luighe le fiabhras agus lé flosca fola, go ndeachaidh Pól dá ionsaidhe agus ar ndéanamh úrnaighe dho, ar gcur a láimhe air do shlánuigh sé é" (Gníomhartha XXVIII. 8): dobuan dearg, bruinne dhearg.

fuilighim: *b. n-a.* tugaim mórán fola. Cuireadh an scian go fuirc ann a's d'fhuiligh sé a chroidhe: thug sé na tuilte fola.

fuiliughadh: *f.* (*-uighthe*) do thabhairt fola, an fhuil ag éirghe tríd an gcneas. Cad tá ar do mhéir, tá sí ag fuiliughadh?: an fhuil ag fúscadh amach tríd an gcneas. Nách deacair í do chosc, tá an chneadh ag fuiliughadh fós: ag sileadh gan stad.

fuilteach: *a.* teimhealuighthe nó clúduighthe lé fuil, fuil do bheith ann nó a nádúir, marbhthach. Cogadh fuilteach do dhéanfaidh sé seo má dhein cogadh riamh é, is iomdha fear maith a bheidh ar lár: marbhófar an t-aimeón daoine ann. Sid í an scian fhuilteach lé n-ar deineadh an marbhadh: go bhfuil rian fola uirthe nó gur lean fuil í. "Agus mar seo adubhairt Simei, an uair do mhalluigh sé, tair amach, tair amach, a dhuine fhuiltigh, agus a dhuine ó Bhélial" (II. Sam. XVI. 7): duine a bhí tugtha d'fhuil daoine eile do dhortadh. Ar an gclódh fiadhain atá air, is minic do buailtear im aigne go ndeintear smaointe fuilteacha dho: go meáidhtear 'n-a aigne dho marbhadh do dhéanamh. I gcath fuilteach do cuireadh an riasta claidhimh sin ó shróin go cluais aige: 'n-ar doirteadh fuil ar nós na

habhann. Áitigheann Sasana gur dúthaigh fhuilteach an Almáin: tír gur b'é a haon smaoineamh bheith dortadh fola aicmidhe eile.

fuilteacht: *b.3.* dortadh fola: ár. Budh dhéistinneach an fhuilteacht leanbhaidhe beaga ag súgradh dhóibh féin do mharbhadh ón aer: dortadh fola ná raibh aon deallramh leis a's a deineadh lé fíoch a's fiadhantas. Beidh an cogadh so anois, i dtuairm gach neach, ar an bhfuilteacht is mó do cuireadh ar dhruim an domhain: ár uathbhásach.

fuineadh: *f.* (*-nte*) do mheascadh a's do dhlúthughadh ar a chéile leis na lámhaibh, ag cúmadh: tiargabháil, ullamhughadh. Ná bac san, ní raibh so lice ach tamall lé déidheannaighe, tá sé ag fuineadh go maith, thabharfá fé ndeara a dhath féin ag teacht air a's é ag dul i dtéagar: ag fás 'sag bailiughadh go láidir ar a chéile. Is í do bhollóg an bhollóg gan fuineadh a's a rian uirthe; tuitfidh sí 'n-a canntaidhibh as a chéile: gan a dhóthain iondrabhála fachta gen dtaos go ndlúthuigheadh ar a chéile. "Is ceart fuineadh dréir na mine": gan an iomad do chaitheamh, díreach mar bheadh cumas ag gustal dhuine air. Na grásta geala chughainn, cuir fuineadh ionat féin seachas bheith ag tuiteam dod chodladh: anamamhlacht: bheith mear, pras ar do chúram. A shlibire níor dhual duit bheith amhlaidh, ní hé fuineadh fuairis é: ní mar sin do síolbhruigheadh tu. Im shaoghal riamh ní fheaca fear is mó fuineadh oibre 'ná é – is rógheairrid leis an lae: fonn a's fuadar. Brigh ar bith níl ar mo chumas d'fhuineadh as an gcainnt rúnda san: do bhaint: tátall do bhaint aiste. Dá mbeití ag obair a's go stadtí déarfí "bí ag fuineadh leat": lean leat. Nár mhaith a's nár chóir an bhean fhuinte do dhein císte de mhin a's gan de ghabháil aice ach uisce: bean císte dhéanta.

fuineadh: *f.1.* deireadh, críoch, dul fé na gréine. Mo dhá cheann i gcré ó éirghe go fuineadh gréine: ó bhreacadh lae go hamhascarnaigh. Mo chroidhe thu, bead ag dul abhaile go luath, táim ag druideam lé fuineadh mo shaoghail: lé lá mo bháis.

fuinim: (**fuinnim**) *b.a. 7 n-a.* dlúthuighim taos ar a chéile, cóirighim, eascaraim, fighim. Cé fhuin an tseancháiteach so? budh mhaith í a mhéar, í go dlúth, daingean ar a chéile gur chaith na tuigidhe amach: cé d'fhígh í. Fuineadh an rann san lé gabha maith, ná bíodh eagla ort ná go bhfuil béal innte ná casfaidh: cuireadh faghairt innte. Dearc ar a ghuailne a's ar a chorp, nách leabhair é, is maith do fuineadh an barránach: síolbhruigheadh é. Cad é an saghas duine thu? cé leis go bhfuilir ag dul? connus fuineadh in ao'chor tu?: connus do geineadh thu? D'fhuineadh sé dánta a's amhrán: chuireadh lé n-a chéile iad. Bhíodh sé lom, caithte 'n-a óige, ach isteach ins na bliadhantaibh do d'fhuin go maith go ndeárna fear cruaidh, láidir de. Fuin isteach id phóca é sin ar eagla a chaillte: díngc, palcuigh.

fuinneamh: *f.1.* brigh, tapamhlacht, anamamhlacht, neart, gluaiseacht agus éifeacht i dteannta a chéile, feidhm mhór. Buaileadh é ach budh mhaith an bhail air ná raibh fuinneamh leis an mbuille dá mbeadh goirteófí go dona é: neart a's brigh a's imtheacht tapaidh. Ar an bhfuinneamh a bhí 'n-a ghlór budh léir go raibh deireadh na foidhne caithte aige, bhí gach focal uaidh 'n-a choilgsheasamh: neart agus goimh a ghotha. Táir ag fagháil bháis orm, cuir fuinneamh ionat féin: múscail, mothaluigh, luathuigh, cuir anamamhlacht ionat féin. Nár mhór an fuinneamh a bhí linn go ndeachaidh an dá roth thosaigh greamuighthe isteach 'on fhalla: reacht siubhail agus neart. An oiread san

fuinnimh fén mbád fé thuinn ag teacht ’on cuan go raibh sí ag cur farraige cháithteach anáirde ins an spéir: gluaiseacht thalcanta. Dá fhaid a bhí an charraig mhór ag liathradh lé fánaidh an tsléibhe is ag bailiughadh fuinnimh do bhí sí: an racht a thagas in aon rud ó n-a ghluaiseacht. Tamall bhí fuinneamh ’n-a ghéagaibh, anois táid go tréith: neart agus prasaighe chun an nirt do chur i bhfeidhm. Dhein sé orm lé fuinneamh a’s thóg os chionn talmhan é: siubhal nirt. Nuair chuala sé go raibh sí tagtha ar an mbaile, a’s an t-eagla aige roimpe, tháinig fuinneamh n-a radharc: anamamhlacht: d’aibigh an radharc ann: tháinig solas beódha ann. Is fadó d’imthigh an fuinneamh asam: chuadhas chun laige. Doradha gan fuinneamh ní bhíonn sé iascamhail: gan “anamamhlacht”, a bhíos marbh, bog i reachtaibh dul in achrann a’s ná síneann amach lé déantús ceart. Neart gan fuinneamh: gan an bhrigh a chuirfeadh i bhfeidhm é. Bead-sa chughat ar fuinneamh: go luath, mear tapaidh. D’imthigh fuinneamh mo bhall: thuit mo ghéaga siar síos liom nó chuadar chun laige. Bainfidh dian-obair an fuinneamh as i slighe agus gur furaiste breith ar thóin air: an bheódhacht a’s an mhire. Mara gcaithir lé fuinneamh ní raghaidh t’urchar i bhfeidhm: lé lán-neart. Chuireas díom lé fuinneamh agus é air agam: chómh tapaidh a’s d’fhéadas.

fuinneamhail: *a.* beódha, bríoghmhar, feidhmeach, dícheallach, luath-thapaidh, foirteamhail, spionnamhail. Cómh-neart iad ach gur fuinneamhla ceann aca: gur mó an feart atá ann chun a nirt do chur i bhfeidhm. Bíonn an ghaoth anoir ró-fhuinneamhail dom a’s goilleann orm níos mó ’ná aon ghaoth eile: is mó an neart a bhíos ’n-a séideadh. Buachaillidhe fuinneamhla go bhféadfá do mhuinghin do chur asta: lán d’anam a’s d’anáil: gan siléig ná mairbheacht ag baint leó: mire, spirid a’s brigh ’n-a ngníomh. Déarfainn go bhfuil breis fheabhasa ar mo chois indiugh, brathaim níos fuinneamhla í, ní ghoirtigheann sí me í do chorruighe, chómh mór agus dheineadh: níos éascaidhe: níos bríoghmhaire chun a háise. An dá shúil fhuinneamhla atá istigh ’n-a ceann: anamamhail: súile ag rinnce: súile a thugas gach aon rud fé ndeara. Is fuinneamhla go mór an úirlis seo: is éascaidhe í: is fusa í d’iondrabháil chun a gnótha. Ná bí chómh fuinneamhail nó brisfir an ghloine: ná bíodh an oiread fuadair fút ag obair.

fuinneamhlacht: *b.3.* anamamhlacht; beódhamhlacht, mire, spionnamhlacht. Ar an ndéanamh córach atá air agus éadtroime a chéime ní fuláir nó tá fuinneamhlacht ann: spionnamhlacht: é bheith mear, tapaidh, acfuinneach, neamhleasc. An dóigh leat-sa ná go mbíonn fuinneamhlacht sa philéar do ghaibheann isteach trí cheithre hórdlaighe cruaidhe: neart agus brigh ’n-a ghluaiseacht. Breis fhuinneamhlachta annsan, táthaoi ag tuiteam ar bhur smúsaigh: anam a’s deabhadh. Siúd é ná fuil easbhaidh fuinneamhlachta air, ar mo leabhar duit go mbeadh sé i bhfiche áit go mbeadh a chúram fé uair an chluig: prasaighe chun aire do thabhairt dá ghnóth. Marbhuigheann an brothall me, ní fhanann aon fhuinneamh ionam: spreac: feart rud do dhéanamh.

fuinneóg: *b.3.* oscailt nó beárna i bhfalla chun leigeanta an aoir agus an tsolais isteach agus chun lamháilt féachta amach: poll, máchail. Lé fuinneógaibh an lae bhíos éirighthe indiugh: ar mbeith don spéir ag breacadh thall ’sabhfus lé solas an lae. Ceannuigh culaithe nuadh, fuinneóga ar fad seadh thu: puill a’s stracaidhe id chuid éadaigh. B’fhéidir, ach níl air ach b’fhéidir, go scartfadh an lá, tá fuinneóg ag teacht thiar sa bhróin dhuibh sin: oscailt gheal ameasc na scamall. Fuinneóg dhall: fuath fuinneóige ar an bhfalla ach gan oscailt ná eile ann.

fuinnseóg: *b.2.* cineál crainn a bhíos cruaidh, faghartha. "An fhuinnseóg chailce bhláthmhar": crann fuinnseóige. Maide rámha fuinnseóige is fearr. Níl cnámh 'n-a chorp ná go bhfuil chomh righin lé fuinnseóig: éascaidh, lúthmhar.

fuinnte: (**fuinte**) *a.r.* comhdhlúithte, teann talcanta ar a chéile, faghartha. Cailín fuinnte córach: go mbíonn a baill slachtmhar deaghshuidhte dréir a chéile. Fuair an fuairthéidh, ach cad dob áil liom ag cainnt, sé a lithéid do gheóbhadh, cailín airgeadamhail a's tá a chuid aráin fuinnte: tá sé i mála an tsnátha ghil: ní bheidh aon chúram feasta air ach a dhrom is a bholg. Móin fhuinnte (fhuite, an fhuaim) .i. leathtar an brúscar, fliuchtar é, pasáltar agus iompuightear é áirighthe uair, deintear drithlidhe dhe nuair bhíonn sé ceangailteach a's ceaptar annsan gach fód as na drithlidhibh lé faobhar na lámh. Capall maith fuinnte: corach, déanta. Buachaill fuinnte nár bh'aon dóichín dul 'n-a threis: cruaidh, faghartha. An t-eidhneán chómh fuinnte sin ar an gcrann go raibh ag gabháil thríd isteach: dlúth, ceangailte. Tá an scéal innste chómh fuinnte agat a's nách féidir locht d'fhagháil ar lé n-a shoiléire: gonta, athchomair. Dá mbeadh an beartán fuinnte mar budh cheart ní scaoilfeadh sé as a chéile: curtha go gasta, cuibhrighthe lé chéile. Beir isteach go deas fuinnte air nó stroillfidh sé uait: go greamuightheach, teann, gan barraliobar. Is fada ó bheith fuinnte thu, féach do bhróga gan smearadh, do chuid éadaigh gan scuabadh, do thriubhas ar sileadh leat: gasta, gleóidhte, so-amhairc.

fuinnteacht: *b.3.* gastacht, néatacht, niamhaireacht, dlúthas, córaidheacht. Drochbhácaer seadh é, ní thugann sé aon fhuinnteacht ar an arán, bíonn puill a's cnapáin ann: ceal an tsuaidhte chirt do thabhairt ar an dtaos. Taithnigheann t'fhuinnteacht liom, is tú lán súl aon mhná óige: córaidheacht do chuirp: an déanamh cúmtha atá ort. Fáisc tú féin, dún do chasóg ón bhfuacht, is mór an fhuinnteacht ort é: beir níos gasta dá bharr, a's níos néata. Ní nár dom bheith ag maoidheamh, go deimhin, as mo chuid scríobhnóireachta, is ann ná fuil an fhuinnteacht is cosamhail lé scríobadh circe: gastacht, ionannas, slacht. Is le n-a neamhfhuinnteacht nár éirigh leis an gcapall an claidhe do chur de: ceal tabhairt fé ar an gcuma chóir. Chuirfeadh a fuinnteacht, a cuid éadaigh, a cuid oibre a's gach nidh bhaineas léi áthas ort: niamhaireacht: blas a's dath ar gach rud léi. Budh thaithneamh leat bheith ag féachaint ortha ag úrlaidheacht lé n-a bhfuinnteacht: an chuma niamhair go gcuiridís chun oibre: an tslacht a bhí ag gabháil leó.

fuip: *b.2.* las eich. Is maith do theastóchadh fuip ón dteallaire beag san: smacht do chur air. A rogha rud níl a bhac ortha do dhéanamh, is aca féin atá an fhuip: aca atá ceannas a's stiúradh. Ar nós na fuipe atá gach aon bhlúire dhe: cruaidh, fuinneamhail. Ó shíor-dhian-obair tá sé chómh tairngthe lé fuip: caol, lom, gan spiota fiadha air.

fuipín: *b.4.* gearrcach an chrosáin (pearóid na mara). Chómh méith lé fuipín: an-mhéith.

fuire: *b.4.* achar nó seal gearr. Faid na fuire ní raghadh seisean ar son aonne, tá sé chómh leithleachais sin: aon chorruighe ní dhéanfadh. Nuair bheir ag gabháil an bóthar buail isteach chughainn, níl ár dtigh faid na fuire uaidh: aon fhaid in ao'chor. Ní raghfá faid na fuire fén ualach so, tá sé ró-throm duit: aon fhaid ní fhéadfá a iomchar.

fuireach: *f.* (*-righthe*) fanacht, faire, moill. Dá mbeinn ó shoin ag fuireach leis ní thiocfadh sé, nách righin, siléigeach an caonaidhe duine é: ag fanamhaint. Cá bhfuilir ag fuireach anocht, ceaca tigh ósda?: ag cur fút. Ag fuireach ó bhliadhain bliadhain lé saoghal is fearr a's ná tagann: ag brath a's ag fanamhaint. Bíonn sé d'iarraidh fuireach ón ólachán: ghá chosaint féin air. Bí ag fuireach leis an dtalamh is ann is mó atá iasc: ag druideam 'sag coimeád i dtreó na talmhan. Cé leis go bhfuilir ag fuireach?: cé leis go bhfuilir ag fanacht, nó cé air go bhfuilir ag brath? In aon áit ná dein fuireach ach tair abhaile liom díreach: ná dein moill neamhghábhtarach. Rug an oidhche orainn san oifig, bhí mórchuid lé déanamh againn a's bhíomair ag fuireach air a's ag fuireach air: ag coimeád air ó nóimint go huair, etc. Nách fada an tigh sin ag fuireach 'n-a sheasamh, iogán annso air a's lag thall ann: ag fanacht, etc. Bí ag fuireach fén bhfód: gan bheith ag éirghe aníos sa talamh. Ar mo dhícheall ag fuireach fé: ag leanamhaint ar an imtheacht a bhí fúm (i bhfiadhnaise conntabhairte, etc.). "Agus tréis iad d'fhuireach annsan ar feadh tamaill do leig na bráithre iad i síothcháin uatha chun na n-aspal" (Gníomhartha XV. 33): cómhnaidhe, sos, cur fé. Is minic adubharthas leis fuireach as, nár mhaith dho dul ann: é do sheachaint. Chonnaic sé a dhóthain, tá rian air tá sé ag fuireach díot: ghod sheachaint: ag leigeant duit. Dá mhéid an deabhadh do dheineas, bhíodar ag fuireach rómham: ag congbháil chun tosaigh orm. Tá sé ag fuireach beag: níl aon fhás fé. Cén fáth go bhfuilir ag fuireach siar?: ag fanacht cúthail nó gan bheith ag teacht chun cinn. Ag fuireach ó thuaidh: ag leagadh leis an áird sin. Bheadh fuireach agam bheith ag feitheamh: seal mór, fada aimsire 'n-a mhoill orm.

fuireachaim: *b.a.* ₇ *n-a.* fairim agus coscaim, moillighim. Sin an-mhadra, is maith a fhuireachann sé caoire agus beithidhigh: tugann aire dhóibh agus coingbhigheann iad gan dul i bhfoghail. Fuireachuigh é go mbeidh an áit sroichte agam: congaibh siar é.

fuireachas: *f.1.* aire, friothálamh. Ag foghluim a chéirde atá so im fhochair a's ag déanamh fuireachais orm: ag friothálamh: ag tabhairt chabhartha dhom tímcheall úirlisidhe a's mar sin. Bíonn an bhanaltra tríd an ósbuidéal ag déanamh fuireachais ar an ndochtúir: ag tabhairt cóngaimh do i bhfriothálamh na n-othar.

fuireachras: *f.1.* faireacht, réamh-aire. Féach é ag feistiughadh a thighe i gcóir an drochlae – sin é fear an fhuireachrais agat: aire roim ré ar chonntabhairt: ag cur na scolb roim an ngaoith. Bí ar t'fhuireachras ag dul treasna na habhann, tá sí an-chonntabharthach: ag féachaint rómhat.

fuirseadh: *f.* (*-sithe*) brácáil, do bhrácáil, cuimilt, fotharaga, deabhadh thar meón, coimheascar, ionfairt. "Sos go fóill nách mór an fuirseadh atá fút" - "tá fuirseadh orm agus fuirseadh fúm": broid orm agus deabhadh orm chun a fhuascalta. "Nuair stadann síol stadann fuirseadh": nuair ná bíonn an síol san ithir ní ghábhadh na cnapáin innte do mhíniughadh a's do bhriseadh: nuair bhíonn deireadh (airgid) caithte bíonn deireadh lé gleódh 'n-a thaobh: aon rud a bhíos mar adhbhar gnótha ge duine má theipeann sé imthightear díomhaoin. Ag fuirseadh na cré: ag tarrac bráca uirthe chun na gcnapán do bhriseadh a's an chré do léiriughadh amach. Fear eile fuirsithe mar é níl sa bharúntacht, hulam halum aige i rith an lae gan sos ar cois, ar láimh, ná ar a theangain: dul trí chéile: gleódh a's fotharaga. Deirim-se leat go raibh fuirseadh ag imtheacht orm nuair sáthadh na

gadhair liom: deabhadh mo chroidhe díchill. Dhéanfadh leath an fhuirsithe an gnóth: níor ghábhadh in ao'chor a leath oiread deabhaidh ná saothair. Stad den bhfuirseadh sin léd bhrógaibh ar an úrlár cruaidh, tá tinneas cinn agat orm leis: ionfairt: ghá gcuimilt sall 'sanall. Na boicht do shíor a's de ghnáth ag fuirseadh leis an saoghal a's gan dá bharr aca ach an greim do chuirid 'n-a mbéal: ag coimheascar leis: d'iarraidh a mbeatha do ghnóthughadh go duabhaiseamhail. Chloisfeá an fuirseadh a bhí ins an tigh sin lé rinnce, ceól, amhráin a's cainnt phóite leathmhíle ó bhaile: an gleódh thar na beartaibh: fuaim a's geóin. Deirtear lé duine ná téigheann sos air ach ag rás oibre; fuirseadh chun an bháis ort!: nár fhanair lé n-a theacht chughat. Bhí fuirseadh ar an sagart leis an aifreann mar bhí glaodhach ola aige: árd-dheabhadh. Ar mbeith do dheabhadh ar dhuine a's go ndeineann botún nó go n-éirigheann aonnidh dho deirtear; "ní dhéanfadh (ní leigfeadh) an fuirseadh dho é". Ar dhul don ainmhidhe ceangailte sa líontaibh chrom sé ar an sáile d'fhuirseadh lé n-a earball go raibh sí mar bainne bheadh ar geire-fhluchaidh: do shuathadh a's do thréan-chorruighe.

fuirseamhail: *a.* aibidh, mear, fonnmhar. Pé cuma a éireóchaidh do, tá sé ag cur chuige go fuirseamhail ach go háirighthe, níl aon truagh aige dho féin: ar a lándhícheall: feac chun a bhearta air. Is fuirseamhail mar rinnceann sé, tá an iomad geámaidhe gan slacht aige: bíonn an iomad ionfairte a's fotharaga air. Ag cur de go fuirseamhail, gur dhóigh leat go raibh a anam ag brath ar a choisidheacht: go beódha, bríoghmhar. Is deacair obair mhaith do dhéanamh lé duine a bhíos ró-fhuirseamhail a's ná féachann chuige a's tharais: a bhíos ag bualadh ceann ar aghaidh gan brath roimis.

fuirse(adh) fadhbadh: (**fogha**) *f.* d'iarraidh teacht ar chéad cúram in aonfheacht lé saothar a's duadh. Ní hé an méid do dheineann sé a thuirsigheann in ao'chor é ach an fuirse fogha go léir do chuireann sé air féin ag gabháil de: an duadh a's an séirse gan ghábhtar. Ní maith ar bith fuirse fadhbadh chuige seo, mar rud ró-leóchaileach seadh é, ach cneastacht agus socracht: bheith d'iarraidh é ar fad do dhéanamh de thapaidhean lé reacht nirt a's fotharaga.

fuirse fairse: *f.4.* abláil, útamáil, greitheal rómhór. Cad tá buaidhte agat leis an bhfuirse fairse ar fad ach é do bhriseadh: an abláil: obair nár caitheadh aimsir ná fuaimeant léi. Leath a shaoghail ní fheadar cad bhíonn ar siubhal aige, mar ná feicim faic críochnuighthe 'n-a dhiaidh tréis an fhuirse fairse go léir: an greitheal 'san dul trí chéile. Laitis an gluaisteán d'iarraidh é do shocrughadh – ní fheaca riamh id dhiaidh ach fuirse fairse: cúigleáil nó abláil oibre. Cad é an fuirse fairse atá ar siubhal eadraibh ná tuigeann neach cad é bhur gcúis ar a chéile bheith ag achrann: beart trí chéile.

fuirseóir: *f.3.* brácálaidhe, ciarlálaidhe, duine a chuimleas an bráca den ithir: duine a bhíos ag cuardach 'sag cur tharais gan féachaint roimis. An cat san an fuirseóir is fearr beo, ní bheadh poll ná póirse go mbeadh aon rud a thaithneóchadh leis ná go mbeadh ciarlálta aige, séirsighthe aige: ciarlálaidhe: cuarduightheóir a chaitheas gach aon rud tharais mar is cuma leis. Ní bheadh an rud a bheadh uaidh i ngan fhios do san pé ball dá dhaingne go gcuirfí uaidh é, fuirseóir ar fheabhas é: cuarduightheóir a's soláthraidhe.

fuirseóireacht: *b.3.* briseadh a's míniughadh na cré lé bráca, útamáil. Cad é an fhuirseóireacht atá annsan ort ameasc na n-áraistidhe sin: útamáil: lorg a's cur thart gan géilleadh d'aon rud. Cortha ó bheith ag fuirseóireacht.

fuirsighthe: *a.r.* brácálta, brúighte, briste, iompuighthe cill tuathail, curtha trí chéile. "An bhfuileann sibh réidh fós!" – "táimid, tá gach aon rud fuigheallta, fálta, fuirsighthe againn": an méid a bhí gan déanamh críochnuighthe, cladhthacha curtha air agus an chré chómh mín lé síoda againn .i. gach uile rud déanta in iomláin. An bhfuil a fhios agat ná go bhfuil m'aigne fuirsighthe gen scéal san atá ag dul díom do thuigsint: suaidhte. Bhíodh an fharraige fuirsighthe ó thalamh ges na trollairidhibh gallda so go teacht an chogaidh: cuarduighthe, séirseálta thíos ar a tóin airís is airís eile.

fuirsim: (**fuirsighim**) *b.a. 7 n-a.* brácálaim, scríobaim, coimheascraim, ionfairtighim. Fuirseadh go maith na pócaidhe agam: cuarduigheadh. Cé rómharfaidh ná fhuirsfidh anois di ó d'éag a fear?: cé dhéanfaidh faic di? Dar lé Sasana go bhfuirsfidh sí tríd an gcogadh so mar dhein trí chogaidhibh eile: go mbuaidhfeadh sí tréis mórán meath a's batalong. Ná sos in ao'chor, fuirsigh leat: bí ag coimheascar leat mara mbeidh ag éirghe leat féin. D'fhuirsigh sé síos an tsráid nuair chuala sé an gleódh go léir d'fhéachaint cad bhí i dtreis: dheifrigh sé d'aindeóin gach aon chonstaic: bhrúigh sé roimis ar a dhícheall. D'fhuirseadar tón na farraige ná faghfá breac éisc lé líon ná lé doradha 'n-a ndiaidh: chuarduigheadar a's shéirseáladar an uile órdlach di. "Dar liom gur fearr scaoileadh maith", ar sise, "ná drochphósadh, ní dóigh liom go bhfuirsead a thuilleadh leat": go ngeóbhad leat; go bhfanfad mar chéile leapan agat. Fuirsigheann sé a chosa ag rámhaidheacht: bíonn sé ghá n-ionfairt.

fuiscidhe: *f.4.* saghas biotáille a siltear as chruithneacht, eórna, prátaidhe etc. Sin fuiscidhe maith agat, fear ceart Chorcaighe, ní haon tSeán Báidhte é.

fuiseóg: *b.2.* éan beag ceóil bhinn. Bíonn sé 'n-a shuidhe leis an bhfuiseóig: an-mhoch. Gach n-aon mar a hoiltear a's an fhuiseóg chun na móna: an áit is dual di. Is binn í fuiseóg na maidne ach is binne coileach an mheádhon oidhche: foillsigheann sé guais na hoidhche thart a's téarnamh lae eile.

fuisteó fáisteó: *f.4.* fastaoim, scéal nó rud gan deallramh. Dubhairt sé go raibh na Gearmánaigh tagtha go B'l'Áth Claith, féach air sin d'fhuisteó fáisteó!: sastaoim chainnte, aiteas scéil. Fuisteó fáisteó do dheinim de gach nuadhacht a bhíos aige mar ná fuil ann ach fear gan fuaimeant: isteach trí chluais liom agus amach trí chluais eile liom gach scéal leis. Fuisteó fáisteó oibre seadh bheith ag iascach ar an abhann seo, gan breac do bhualadh a phuis ar mo dhubhán: gnóth gan dath, gan deallramh: níl ann ach meilt aimsire. Ar chlos ruda ná cuirtear pioc natha ann ná géilleadh deirtear, "fuisteó fáisteó rud gan deallramh". Do lithéid d'fhuisteó fáisteó fir níl i gCúige Mumhan agus is iomdha breallán ann: fear gan snas, gan fuaimeant cainnte ná gnótha.

fuithilí faithilí: *f.4.* duine gan chríoch, rud, obair, cainnt etc. gan éifeacht. Níl it fhalla ach fuithilí faithilí oibre. Cá bhfuil an leithead ná an fhuaimeantamhlacht? anuas leis ar an

gcéad ghála: obair neamhcheárdamhail: abláil. Fuithilí faithilí ná deárna faic riamh i gceart: útamálaidhe gur cuma leis.

fulachtain: *b.3.* fadfhulang: bruic. Chuaidh an cúrsa chomh ciapuightheach san air ná féadfadh a thuilleadh fulachtana do dhéanamh air: a thuilleadh fuilngthe: cur suas a thuilleadh leis. Ní headh ach ná bí ag cainnt, a dhuine, is mór an fhulachtain do foidhneamh chómh fada a's chómh macánta leis an ndíbheirg a bhí aca dhá dhéanamh air: bruic: caonfhulang: cur suas gan taithneamh.

fulaingim: (**fuilingim, fuilngim**) *b.a. 7 n-a.* bruicim lé, cuirim suas lé, ceaduighim, lamhálaim, iomcharaim. Ní fhuilngeóchadh aon fhear eile léd chuid tarcuisne ach me – léasfadh sé treasna na súl thu: ní fhoidhneóchadh sé: ní sheasóchadh sé an tarcuisne go ciúin. Fuilngeóchad é, cé go bhfuil sé ag gabháil tríom go smior: tamall eile gheóbhad tríd leis an strus nó tinneas atá orm. Ní fhuilngeóchadh mo chneas teas na gréine lé n-a dhéine a's a neart: ní bheadh i ndán seasamh 'n-a choinnibh gan é do loscadh nó do lat. Connus fhuilngir geámaidhe an ghaige sin?: connus fheidhlighir é?: connus ná cuirir 'n-a choinnibh agus deireadh do chur leó aige. Ní fhuilngeóchaidh an bád an fharraige sin, is baoghal, tá sí ró-antréan d'árus chómh dearóil: í do-sheasamh. "Agus beidh fuacht ag gach uile dhuine dhíbh ar son m'ainm-se, ach gibé a fhuilngeóchas go deireadh is é do slánófar" (Matha X. 22): seasamh in aghaidh. Ná fuilng an t-ualach so i bhfad orm, táim tnachta aige: ná fág orm ghom chlaoidhe. Rud ná fuilngeann moill seadh an t-ocras: mara sáisightear é is ag éirghe air do bhíonn. Tá sé a's tonn taosctha air lé seachtmhain ní fhuilngeóchadh sé biadh ná deoch: ní iomcharóchadh 'n-a ghoile. D'fhuilng Dia mór na glóire ar son na cinidh daonna: fuair sé bás céasta ar an gcrois ar a son. D'fhuilngeóchadh sé dhom aon rud do dhéanamh leis: lamhálfadh sé.

fulang: *f.1.* foidhne, faidtheadhallacht; neamhchradhascal: bruic: taca. Caithfear cosa fulaing (fuing) do chur fén bhfalla san nó anuas leis: tacaidhe. Ní mór dom mórán éadaigh sa gheimhreadh mar ná fuil aon fhulang ar fhuacht agam, aon chao do gheibheann sé orm beireann greim orm: bruic: aon tseasamh 'n-a choinnibh. Táim ag fulang riamh: iomard agus duadh orm go bhfuil orm bruic leis: bheith ag foidhneamh. Fulang, ceann des na seacht subháilcidhibh diadha: bheith ag iomchar iomard an tsaoghail seo mar is dual do chríostaidhe maith. An té go mbíonn fulang ar fhuacht aige bíonn fulang ar theas: an té ná goilleann sé air: go bhfuil sé d'fheart aige ná goillid air. Rud éigin laistigh air ná fuil aon fhulang aige ar ghuirteamas: ná réidhtigheann sé leis. Níl puinn fulang (fuinge) ionam ón uair úd go rabhas breóidhte: táim lice: níl ionam cur suas lé mórán iomaird. Is fearr go mór do bhéarfair do chosa tríd an saoghal leat fulang do bheith agat ar gach saghas duine: bheith ar do chumas bruic leó nó foidhneamh: tarrac leó: gan imreas do lamháilt eadraibh. "An bhféadann do chroidhe a fhulang nó an bhféadaid do lámha bheith láidir ins na laethibh go ngeobhaidh mise do láimh thú? Mise an Tighearna adubhairt é agus déanfad é" (Eiseiceil XXII. 14): foidhne do bheith ged chroidhe dá mhéid duabhais do cuirtear air. Níor mhaith liom aon choimhtheas mór do dhéanamh ortha, daoine dorcha gan fulang seadh iad: cruisteach ortha mar ná fuil féith ghrinn ná seóigh ionta chun foidhne do chaitheamh leis. Ó thúis a shaoghail ní mór an sos do thug sé dho féin, agus budh mhinic ocrach, easbhaidhtheach é, cé déarfadh ná raibh fulang ann: acfuinn cruadhtan a's leathtrom do sheasamh. Lé seódh do thosnuigheadar ar

a chéile, ach níor bh'fhada go raibh gach focal ar (a) fhaobhar a's ar (a) fhulang aca: bhíodar ag tabhairt teangan dá chéile go cruaidh: ag áiteamh go dian a's ag tabhairt phéac fá chéile: ar barrghal trod. B'fhearr liom bás d'fhagháil 'ná bheith ag fulang: ag bruic lé tinneas nó iomard éigin a bheadh ghom chlaoidhe. Is cuma dhuit cad déarfar leat fé láthair, ná leig ort ná gur b'é an scéal is fearr ar domhan é, dein fulang air: ná leig do goilleamhaint ort an oiread a's go mbrisfeadh ar t'fhoidhne. Caith dhíot na leighcidhe bróg san, níl aon fhulang ar an mbóthar ná ar an sín aca – cuirfid an t-éag ionat: aon chosaint chaithte ná fhuachta. Nách é Dia na glóire a bhíos fulang linn ar a ndeinimíd air a's go leigeann dúinn é chéasadh ó ló go ló: foidhneach: faidtheadhallach.

fulangach: (**fuiliceach**) *a.* foidhneach, faidtheadhallach, cruaidh. Is maith fulangach an chuma atá air: sláinteamhail, folláin: go bhféadfadh sé cur suas nó bruic lé cuid mhór iomaird a's drochshaoghail. Seachain an lámh thinn sin, níl sí fulangach ní gheóbhadh sí lé puinn teangmhála léi. Is fuilicighe go mór corr-each ná capall, mhairfeadh sí ar bhiadh ná beadh leath chómh maith agus fé shín do chuirfeadh capall chun báis: níos righne chun iomard d'iomchar. Cé hé adéarfaidh nách cinidh fhulangach sinn a's a fhaid atáimíd fé chuing Shasana a's gan aon eagla claoidhte fós orainn?: é de thréith ionainn acfuinn seasta in aghaidh cruadhtain a's iomaird. Daoine fuiliceacha na hoileánaigh seo, do shíor ag cómhrac na farraige – sí a ngort í – fé anrógh: mianach ionta ná fágann an saoghal, dá anacra é, a rian ortha.

fulangaidhe: (**fuiliceóir**) *f.4.* duine go mbíonn ar gabháil trí thinneas, chiotaidhe nó dhochar. "Droich-fhulangaidhe seadh thu", ars an dochtúir má bhaineann priocadh beag mar é sin preab asat. Mise fulangaidhe cortha mo mhic: asam-sa do baineadh a sásamh. Dubhairt sé ná beadh sé 'n-a fhulangaidhe feasta aca, ag déanamh a ngnótha dhóibh, a's 'n-a bhais chait ar gach slighe: duine bheadh ag foidhneamh lé héagcóir.

fulangtha: (**fuilicthe**) *a.r.* curtha snas lé: foidhnighthe lé: gabhtha thríd (iomard). Is mór agus is lánmhór a bhfuil fuilicthe gen mBeilg ó chogaidhibh, í 'n-a fód catha gen Eóraip ar gach achrann: gabhtha tríd d'iomard a's d'ár. "Ní hé an méid atá fulangtha againn ar an saoghal so", ars an fear éadóchasach, "is measa dúinn ach teine ifrinn": go bhfuilimid gabhtha tríd go haindeis. Ar a bhfuil fulangtha aige a's go bhfuil sé 'n-a bheathaidh tá neart an chapaill ann: gabhtha tríd go buacach. Tá an buille sin fulangtha agam uait: níor chúitigheas mo bhualadh leat. A bhfuil fulangtha d'anrógh agam duit: an chuid mhór aindeise a's leathtruim gur ghabhas leis ar do shonsa gan gearán.

fulangthacht: (**fuiliceacht**) *b.3.* foidhne lé goilleamhaint: bruic: tréith claoidheachtainte lé guais, iomard etc.: faidtheadhallacht. Bíodh fulangthacht ionat, ná leig ort go gcloisir an easonóir uaidh: faidtheadhallacht: tréith go bhfanair ciúin macánta fé ghiobadh mór. Mara mbeadh fulangthacht an duine ar ar ghaibh sé tríd d'aindeise, d'anacar a's d'ocras ná beadh sé 'n-a chré: tréith nó feart claoidheachtaint lé mor-bhuaidhreamh aigne a's cuirp. Oiread a's raghadh ar bharr pinn d'íodh ní leigfeadh ar ghearradh air, tá a luighead san fulangthachta ann: acfuinn claoidhe lé tinneas. Nár chás don aos óg an oiread fuiliceachta do bheith ionta a's bhí sa tsean-threibh, is fada buidhe go ngeóbhaidís trí n-a n-iomard ná go mairfidís ar an mbiadh a bhíodh aca: an bhrigh chuirp sin a fhoidhneóchadh gan éislinn mórchuid anróidh.

furas: (**furaiste, fruiste**) bog, sonaoideach, neamhdhuaibhseamhail. Is furas aithint an té go mbíonn an t-airgead aige, bíonn a fhoillse air: is soiléir é. Ní furas a bheith briste leat: is deacair tuiteam amach leat. "Is fusa é a rádh 'ná é do dhéanamh": is buige do thagann cainnt orainn 'ná gníomh. "Is fusa tuiteam 'ná éirghe": bíonn an duine an-dearóil a's bíonn líonta an mhío-áidh leathta fé n-a léith do shíor. Cad chuige an t-olc go léir? b'fhusa liom é dá mbeadh aon chúis orm: ní bheinn leath chómh gearánach ná a chúis agam. B'fhusa liom duine den dtír a's den áit ghá lorg orm, ach an t-anchúinse iasachta san: ní bheinn chómh cráidhte nó chómh míoshásta 'n-a thaobh. Saor go maith do scar sé lé n-a mhí-sheól, is fusaide dho é nár ghaibh an roth ar a mhuineál: is ádhmharaighe é dá bharr: dá ngaibheadh bheadh malairt scéil air. Is furas leis airgead do chaitheamh: níl aon ghreim aige air: níl aon lúib istigh aige ann. Is deacair é do bhailiughadh 'sis furas é do chaitheamh: ní thógann sé mórán aimsire ná duaidh. B'éigean do fiche púnt d'íoc amach as a phóca rud nár b'fhuras dho, mar is iomdha glaodhach eile a bhí air d'fhreagairt: nár tháinig ró-bhog air. Is furas leis fliuchadh annso cois na farraige: tá sé claon lé báistigh ann. "Is furas féasóg an leómhain do stathadh nuair bhíonn sé 'n-a chodladh": nuair gheibhtear an lom ar dhuine ní deacair ná ní hionmhaoidhteach a dhíoghbháil do dhéanamh. Is fusa cómhairle do thabhairt 'ná í do ghlacadh: an rud budh mhaith linn do rádh leó níor mhaith linn a rádh linn. Dá fhuraiste a bhí an cheist chuaidh de é do réidhteach, bhí cor innte: dá réidhe: dá shonaoidighe: dá bhuige. Is fusa cómhairle ná cabhair d'fhagháil: bíonn gach aonne 'sa leigheas béil féin aige ach ní néann neach aca. Dein do rogha rud ar an aonach ó sé is fusa leat: lean do thoil ós rud é gur b'é bealach is fearr leat é. Tiocfaidh aon rud níos fusa ort nuair raghair 'n-a thaithighe: níos réidhe. Is furaiste dho cabhair do thabhairt duit mar tá sé ar a chao agus is fusa 'ná san leis, mar tá an croidhe: ní deacair do: is ró-mhian leis etc. Níl ort ach barr-dhóghadh, is fusaide nár deineadh luaithreán díot: is mór mar is fearr é: an-ádhmharach. Bí furaiste air, ná téighir ró-dhian air mar níl an fhoghluim air: bí bog air: ná cuir air ach ceisteanna sonaoideacha. "An furas orm-sa é sin do dhéanamh?" – "mar gabhaim siar": an bog orm é: saoráideach. Is féidir bóthar do dhéanamh annsan go furas: gan puinn duaidh: go bog. Dá mb'fhuras leat teacht in aonfheacht liom theasbáinfinn radharc taithneamhach duit: dá mbeadh do thoil leis. Cómh-fhuras dómhsa agus cómh-fhuras liom, dá thagairt gur fear neamhspleádhach me fanacht nó imtheacht: is cuma liom agus is cuma dhom ceaca: fúm féin atá. "Is fusa dul go tigh an righe 'ná teacht as" .i. nuair bhíonn duine ar chúram nó ar turus (tábhachtach) is iomdha rud a tharlóchadh gan choinne a mhoilleóchadh é. "Ghealladar go mbéarfaidís beirt bhreise leó ar eagla ná beadh a ndóthain cabhartha" – "is fusaide sin": réidhtigheann san an cúrsa níos fearr: cuireann san breis ar ár suaimhneas sinn.

furastacht: (**fruisteacht**) *b.3.* socracht, saoráideacht, neamhdhuadh. Budh dhall an duine ná feadraís fiolar a's a fhurastacht é d'aithint: gan aon duadh ná eólas ag gabháil leis. Dá bhfágtí fúm-sa a's a fhurastacht agam é do dhéanamh: a bhuige. A fhurastacht do thagann rámhaidheacht air budh dhóigh leat ná raibh aon duig aige ann: an bhuige: an chuma do rámhann sé budh dhóigh leat ná raibh a neart dhá chur i bhfeidhm aige. Níor chuir sé aon nath ann lé n-a fhurastacht: a shonaoideacht nó a shaoráidighe é do dhéanamh. A fhurastacht agus a dheacracht bás d'fhagháil: an chuma shonaoideach, gan choinne nó ar bheag-chúis duine d'imtheacht gen éag. Tá furastacht taistil anois gen gcoitchiantacht ná

raibh fadó, gluaisteáin, ollcharbaid, rothair etc.: saoráid: is féidir dul ar thurus fada nó gearr gan puinn duaidh. Budh mhór an iongadh ná raibh airgead ’n-a chnocánaibh aige a’s a fhurastacht a dheineadh sé sa deaghsaoghal: gan aon strus do chur air féin.

furca: *f.4.* roc, filleadh, crapadh. Aghaidh láidir gharbh air, lán d’fhurcaidhibh: de riastaidhibh: ruic. Furcaidhe a’s claiseacha ’n-a aghaidh: ruic a’s riastaidhe. Dá mhéid an t-aos atá aige níl furca ’n-a aghaidh: crapadh cneasa. Furcaidhe san éadach: fillteacha.

furmhór: *f.1.* an chuid is mó, an bhreis. Bhíodh lán mála d’airgead aige, is dócha go bhfuil a fhurmhór caithte aige, mar tá an míofhoirtiún air lé scapightheacht: an chuid is mó. Beir leat cuid bheag, fág an furmhór id dhiaidh: an bhreis. Mhuise, geallaim duit gur cuma liom puinn anois go bhfuil furmhór mo shaoghail istigh: ná fuil ach beagán de gan caitheamh anois. “An maireann súd fós?” – “is fada gur mhair, tá sé ar an bhfurmhór”: ar an mbreis: ar an mbuidhin is mó: caillte: marbh. Beidh furmhór an lae imthighthe sara mbír réidh: beidh an tráthnóna go maith ann. Chaitheadar furmhór taoide ann. D’ith sé, an t-ullfartach, furmhór cinn muice: é go léir nách mór.

fúscadh: *f.* (*-ctha*) do rith go socair mall, ag scéitheachtaint: ag dríodarnaigh: ag birmhéin, fáscadh, fáscadh sughlaigh as oráiste, ubhall, etc. Budh dheacair d’aonnidh cóir fás i dtalamh go raibh an t-uisce ag fúscadh aníos tríd: ag éalódh trí ’n-a uachtar. Braon ag fúscadh as an gcneadh: ag briseadh amach tríd an gcneas briste. Fíor-uisce ag fúscadh trí chorplár an bhóthair – tuar triomaigh: ag briseadh aníos. Ag fúscadh an tsughlaigh as na silínidhibh: ag brughadh na silínidhe go bpléascann an sughlach amach. Uisce ag fúscadh im leighcidhe bróg: isteach ionta a’s amach tríotha ar gach céim. Fúscadh an úrláir a leathfadh na cait: fáscadh (uisce) aníos. Allus ag fúscadh tríom: ag briseadh amach trí gach píochán im chneas.

fúscaim: *b.a. 7 n-a.* fáiscim sughlach nó lacht (as), uisce, etc. Ní deaghthas go grinneall air, fágadh an iomad cré ann fúscfaidh sé fós: brisfidh an úire (úirmhireacht) aníos fós tríd. Fúsc na hóráistidhe sin agus ól an sughlach: brúigh nó fáisc an sughlach asta.

fústa: *f.4.* rian, cómhartha, fearb, riabh, riasta, amallóg. Bhítheas ag gabháil lé lasc ar a dhrom nochtuighthe go raibh fústaidhe móra, dearg-ghorma air: riastaidhe. Cuirfead-sa fústaidhe ort: tabharfad léasadh maith dhuit. Siúd é an fear a chuirfeadh fústaidhe ort: a gheóbhadh ort lán do shaic. Fág an áit uaim, a fhústa, ní bheinn ag féachaint ort ag cur chun oibre: duine mór, aindeis gan gastacht ná fuinneamh faic do dhéanamh.

fústaire: *f.4.* ruathaire, ceólán, duine fuadrach, práidhinneach. Bíonn sé ’n-a fhústaire bheag i mbéal dorais an tsiopa ag fógairt do gach n-aon a ghaibheas thar brághaid teacht isteach do cheannach na n-earraidhe saora atá aige: ’n-a dhuine fhuadrach gan sos gan stad ach ag cainnt ’sag gleódhtháil. Bíonn an oiread san cúram air d’iarraidh teacht ar fiche rud ar an t-aon uain go bhfuil fústaire ar a chosaibh déanta dhe: lán de ghreithileán. Aon rud a bhíonn idir lámhaibh aige bíonn sé ’n-a fhústaire tímcheall air, ní bhíonn leath a chúraim ar aonne: gritheal an domhain air.

fústar: *f.1.* greithileán, guardal, tranglam, fuirseadh. Leis an bhfústar a bhí air ní fheadair sé cad budh cheart do dhéanamh, sara mbeadh rud críochnuighthe aige bheadh sé sáidhte chun rud eile: deabhadh a's deifir. Dá dtógadh sé breágh, bog, socair é a's leath an fhústair do chur uaidh ní stroillfeadh sé: fotharaga gan breithniughadh roimis. Ar an bhfústar a bhíonn fé budh dhóigh leat go mbeadh saothar mór dhá dhéanamh aige: greithileán, deabhadh a's imshníomh gan ghanntar. B'é a chéad uair 'on chathair aige a's bhain fústar na ndaoine, an ghleóidh a's an dul trí chéile a mheabhair shaoghalta dhe: tranglam: gritheal: glór a's fuaim a's achrann. Is mór an fústar atá ar bhochtaibh ag teicheadh ó Thír Fé Thuinn isteach 'on bhFrainnc ó phléascadh na bpiléar, dubhachtaint na gcnoc a's na sléibhte ar na bóithribh díobh: na mílte in achrann a's in aimhréidhe lé deabhadh a's míofhoidhne. Lé fústar ithte chuaidh cnámh 'n-a scórnaigh: an iomad deabhaidh. Cuirfear fústar ón áit air mara gceapann sé a shuaimhneas: cuirfear ruaig imshníomhach.

fústrach: *a.* greithileánach, corr-thónach, rúiseach, guairneánach. Ag aidhmsiughadh ná bí fústrach congaibh barraille do ghunna socair ag caitheamh duit: guairneánach, corruightheach. Isteach 'on oifig leis go fústrach, ag fógairt gach aonne thoir a's thiar go ngearánfadh sé ortha, gan oiread agus eaga chainnte do thabhairt d'aonne: rúiseach: meargánta, ródheifreach 'n-a bheart. Budh dhóigh leat gur chos ón aer aca me, iad go léir chómh fústrach im thímcheall, ag friothàilt orm go cúramach: deabhadh a's deifir a's fuirseadh ortha ghom chóiriughadh. B'fhearr liom ná tabharfadh sé síob in ao'chor dom ach leigeant dom é do shiubhal, bhí sé chómh fústrach san 'n-a thaobh, gleódh an domhain aige 'sag déanamh taidhbhse dhe: ag déanamh mórán gleóidh ar rud bheag suarach.

fut!: *int.* púth! carbhall lé leamhas nó seanbhlas. Briseadh duine a phíp nó imthightheadh rud éigin do nách féidir leis a mhalairt d'fhagháil ar an dtoirt, a's deir sé "fut!". Chuala an fut fat cois na fuinneóige ach ní fhéadfainn focal de do bhreith liom: cainnt neamhshoiléir. Ars an fear go raibh dúil na n-ae aige i bhfeóil a's í ag beirbhiughadh i gcorcán os a choinnibh, a's eisean ag feitheamh go míofhoidhneach, "tá fut fat anois aice ní fada uaithe": an glór a bhí aice féin a's ag suathadh an uisce bheirbhthe dhá dhéanamh. Focal den bhfut fat atá agat ní thuigim: tutbhalbhacht: cainnt ró-dhoiléir: gan na friotail do rádh 'n-a gceart. Fut fat éigin ar siubhal i gcómhnaidhe aige ná héisteóchadh sé a bhéal tamall éigin: cainnt gan aon bhun. Éirigh as, tá fut fat déanta agat de: tá an scéal laitighthe agat. Fut fat fothrom ar fuaid an bhaile ag argal 'sag achrann: gleódh a's cainnt nár thuigeadar féin a chéile.

futa fata: *f.4.* mórchuid cainnte gan chruinneas tuairisce. "Táthaoi ag cómhchainnt, a cháirde" - "dheara mhuise, níl againn ach futa fata mar ná fuil an t-eólas orainn": brealláil chainnte chómh fada agus is eól dúinn. Ní haon rún anois an cleamhnas so, tá sé 'n-a fhuta fata ar fuaid an Daingin: luadráil mhór air gan neach cruinn i gceart ar connus mar tá. Mise béal na fírinne agat, agus ná tabhair aon tur ar fhuta fata na ndaoine eile: na ráflaidhe taidhbhseacha atá ag imtheacht eatartha. Ní raibh agam ach futa fata óráide i gcómhnáird leis an gcainnteóir líomhtha úd: cuid mhór chainnte gan chruinneas innte. Má chuirir nath a's suim i bhfuta fata na ndaoine bainfidh do chiall díot: an ráfláil is gnáthach bheith lé scéal ag imtheacht ó bhéal go béal.

futha fatha: *f.4.* buaithré a's rúiseacht. Futha fatha a's saothar air ó chúram go cúram budh dhóigh leat ná raibh leath a ghnótha ar aonne, ní thugann sé eaga dho féin gal tobac do bheith aige: búithré: deabhadh gan féachaint rómhat. Futha fatha aige ag cur na bhfear scaipighthe lé n-a chéile: rúiseacht thall 'sabhfus gur mó ar imshníomh aige 'ná ar aire.

G

ga(th): *f.* saighead, sleagh, tragh, léas gréine, leadán, ionga (éin, ainmhidhe, etc.), cealg: doig: ríog. Théigheadh gathaidhe nimhe na ngormán ceangailte i gcorp ár saighdiúiridhe: úirlis fhada chaol go gceann géar lé caitheamh as bhogha: saighead. Na gathaidhe láidre, géara, casta a bhíos ar leómhan chun greamuighthe a's stractha a chreiche: ingne, leadáin. Nách láidir na gathaidhe a bhíos ar fhiolar go n-árduigheann leis ionta uain óga, banbhaidhe etc.: leadáin. Má ghabhaim greim im ghathaidhibh air stracfad as a chéile é ar nós an leómhain: im chrúcaidhibh: greim mo chrobhann. Cuir do gha sa bhfeóil sin: do lámh a's árduigh leat í. Leis an nga breágh gréine shíneas siar fé a's brathais ag gabháil tríom agus ghom théidheamh é: léas nó sruth solais ón ngréin. Ní mór ná go ndeaghaidh den bhfiaclóir an chúilfhiacal do stathadh, bhí gathaidhe chómh doimhin, daingean san im chorrán aiste: préamhacha láidre. Im mhairtíneach ge dathachaibh, gathaidhe tinnis ag preabadh trí gach cnámh díom: ríoganna: geiteanna obanna, piantacha. Dá bhfaghadh súd a gha ann, mar tá an neart ann, choingbheóchadh sé a ghreim: a chrúca, a chrobh. D'at a pluc, chuir beach a ga innte: cealg. Bhíodh a nga go doimhin ag lucht fiach an uile lá ann: bhídís sáidhte ann: bhídís ar a thóir gan sos. Nuair imtheóchaidh an ga san, b'fhéidir go raghadh feabhas air: an t-ionsaidhe obann tinnis.

gabha: *f.4. 7 5.* duine a oibrigheas miotail – iarann, ór, airgead, copar, etc. Gabha geal: gabha a dheineas earraidhe airgid bháin. Gabha dubh: a oibrigheas in iarann a's a chuireas cruidhte fé chapaillibh, etc.: an lon abhann. An dá nidh is géire – súil gabha i gceárdchain, súil bric i bpoll: bíd do shíor ar biorda. Gabha na gceárd ní shocróchadh anois é tá sé 'n-a fruis frais: an ceárdaidhe is cliste d'ár háirigheadh riamh.

gábhach: *a.* conntabharthach, dian diachair: easbhaidhtheach. Is misneamhail an dream na túirlingeóiridhe seo as aer luingeas mar is gábhach an bheart teacht ar talamh i ndíormaidhibh beaga ameasc na namhad: lánchonntabharthach. Gairm ró-ghábhach seadh iascaireacht, nách fios cathain d'éireóchadh an fharraige chun buile: eaglach. Gábhach a dhóthain bheadh sé ar aonne aire do thabhairt dá chúram féin gan bac lé haonne eile: ró-dhian. Ionad ró-ghábhach dob eadh an chathair nuair bheadh an namhaid 'n-a tímcheall mar sin tréigeadh í: guaiseach, baoghalach. Nách gábhach a bhí sé lé rud d'itheadh go ndeaghaidh sé a's gur ghoid sé é: nách mór mar theastuigh sé uaidh. Daoine gábhacha seadh iad, níl aon bhaoghal air sin, táid gan ach an fíorbheagán ar a mbórd aca: easbhaidhtheacha. Mara mbeadh me bheith go gábhach dá cheal is fada buidhe go gcuirfinn me féin fé chomaoin a loirgthe: 'n-a ghanntar go mór. Daoine gábhacha, ceanntair ghábhacha etc.: bochta. "Tabhair dom gal" – "is gábhach ataoi leis, a theallaire bhig" .i. nách mór mar theastuigheann sé uait.

gábhadh: *f.1.* ceal, easbhaidh; conntabhair, cruadhan, anacair. Teastuigheann sé uait adeirir ach ní fheicim-se aon ghábhadh agat leis: go bhfuil ceal a thairbhe ort. An té go mbíonn an gábhadh air is mór an truagh Mhuire é: an té go mbíonn easbhaidh ruda air (biadh nó a lithéid) a's gan dul aige air. A bhuidhe lé Dia, má bhíonn ceal féin anois a's airís orainn, ná fuil aon ghábhadh mór sa tsaoghal orainn: cruadhtan trí easbhaidh. Tá gábhadh ged bhrógaibh lé deisiughadh, tá an bonn imthighthe uatha. Gábhadh lé biadh a's deoch, tá ocras a's tart ortha: aiste gur call a friothálit. Teallairidhe leanbh go bhfuil

gábhadh trom aca lé smacht do chur ortha: gurb éigean é toisc a n-iomchair. Luid níl orm tá gábhadh lé culaith nuadh agam: ós rud é ná fuil an chlúid cheart orm is éigean an t-éadach. "Ní gábhadh dhuit imtheacht go fóill, tá eaga do dhóthain agat" – "is gábhadh liom é": ní call duit: ní dochar duit ...ach is cúrsa é go bhfuil mo thoil lé n-a dhéanamh d'fhonn a's nár dhochar dom. "Ná raghadh an liairne sin ag obair?" – "ní gábhadh leis": ní tuigtear do gur call do é nó go dteastuigheann uaidh agus dá ndeineadh féin is cuma leis lé neamhshuim nó neamhspleádhachas. "Ná tiocfadh sí isteach a's a gnóth tighe do dhéanamh?" – "ní gábhadh di é, is fearr lé bheith ag comhchainnt": is cuma léi: is beag dá thinneas uirthe. Níor ghábhadh dho rud sprionnlaithe do dhéanamh mar gheall ar scilling: ní raibh sé ceart aige: níor chuibhe dho é. Bheinn sásta lé díol mo ghábhaidh gan bac lé hairgead do bheith i mbannc agam: oiread agus go mbeadh déanamh mo ghnótha ann. B'í an bheart gan ghábhadh gan riachtanas í dul ar snámh sa tsáile lá geimhridh ag tabhairt an éaga dho féin: gan chall, gan aon iachall air é do dhéanamh: ná beadh faic buaidhte aige leis. Cuirimís tharainn an chéad ghábhadh, an t-ocras, ithimís: an chéad rud atá ag goilleamhaint orainn. An ar aon tslighe eile budh mhaith leat é bheith ach suarach, sprionnlaithe, coileán de shíol gábhaidh a's déirce: dream fé cheal: in easbhaidh. Mara gábhadh leat freagairt ná bac: más cuma leat: fan id thost más toil leat san. Má bhír i ngábhadh airgid, tair chugham: in easbhaidh agus go n-oirfeadh duit é do bheith agat. Ní ghlacfad é mar ná fuil a ghábhadh orm: a chall: é bheith ag teastáil uaim. Ar léimeadh treasna an ghabhail uisce dhom ar an gcarraig mhéiscrigh bhíos i ngábhadh cheart mar ná féadfainn filleadh: i mbaoghal mo bhasctha nó mharbhtha: i ndraip cheart. Rugadh orm idir an dá shraith shaighdiúiridhe a's iad ag rúideadh ar a chéile, nách dóigh leat-sa ná gur mise do bhí i ngábhadh: i gconntabhairt piléir d'fhagháil ionam. Dá mhéid do sceamhann an madra san níor ghábhadh ach fógairt air nuair éisteóchadh: ní bheadh riachtanas lé n-a thuilleadh. Cad budh ghábhadh dhuit ach a leigeant ort gur tú a dhreatháir: cad eile go mbeadh call leis. "D'eitigh sé me", geallaim dhuit nár ghábhadh dho san: bheadh an scéal chómh maith aige gan: cad bhí buaidhte aige leis a's cad bheadh caillte aige dá dtugadh duit? Cad é an luach stampaidhe is gábhadh do chur ar an mbeartán so?: nách mór do chur air chun a dhulta chun cinn. Gábhadh an diabhail air, mar is air sin do bhí an teasbhach tamall: géarchruadhtan. Cuirfead-sa i ngábhadh an dochtúra thu mara leigir dom: goirteóchad thu. Táir tnachta, táir i ngábhadh an tsagairt: an bás chómh grod duit gur cheart tu d'ullumhughadh chun báis. I ngábhadh na hola: an-dhona lé breóidhtigh.

gabháil: *b.3.* tógáil, déanamh, ceangal, cuibhreach, culaithirt, tomthach, breith (ar), eiligean, coimpirt, toirrcheas, fulang, bruic, creach. Ar an ndroch-ghabháil a bhí ar an mbád ní fhuilngeóchadh sí aon ghála: an chulaithirt: seólta etc. Is niamhrach an ghabháil an pónaire sin agus an cóistín atá air: iad go léir i bhfochair a chéile. Ní raghainn treasna na sráide lé náire leis an ngabháil atá ort: an t-éadach a's an chuma n-a bhfuil sé ort. An ghabháil chéadna do bhíonn ar na Gárdaidhibh Síothchána: an éide. Léim sé as a chorp ó thalamh chun na peile do ghabháil: chun beartha uirthe. Rug sé ins an aer ar an liathróid iománaidheachta 'n-a leathláimh, chuir an ghabháil iongadh ar gach aonne a chonnaic í: an bhreith. Ag gabháil na habhann do do stroill sé a's báthadh é: ag dul treasna. Ag gabháil an bóthar ar a shocracht do: ag siubhal an bhóthair. Bheadh iongtas ar dhuine ón dtuaith an méid daoine, dubhachtaint na gcnoc a's na sléibhte ag gabháil na sráide: ag taisteal i ngach treó. Ag gabháil an chapaill don dtrucaill: ghá chuibhreach: ghá chur fúithe. Bímís ag gabháil ag ullumhughadh: ag cur gach rud lé chéile chun gluaiseachta.

Díreach agus an bhean ghá gabháil féin thuit an t-anam aiste: ghá cóiriughadh féin: ghá gléasadh féin chun dulta amach. Cá mbead ag gabháil anois?: cad é an treó do thabharfad orm féin anois? Thug na gárdaidhe seal fada d'iarraidh é do ghabháil a's do bhreith 'on bhráca: bráighe do dhéanamh de. Níl aon eochair ag gabháil leis an nglas so: ag baint leis: ag dul leis. Ní mór leathchoróin bheith ag gabháil leis an bpúnt chun na bhfiach do shlánughadh: 'n-a fhochair. Is fada go raibh an lánamha san ag gabháil lé chéile, ní réidhtighid: ag maireachtaint i bhfochair a chéile. Níl malairt cómhnaidhthe agam ach an sean-bhathalach tighe seo, a's caithfead gabháil leis: bheith ag bruic leis. Bíonn an cailín sin agus an buachaill úd ag gabháil lé chéile: bíd i gcoidreamh a chéile. Nílid ag gabháil lé chéile: ní oirid. Bhíodar ag gabháil lé n-a dteangain orm, ag tromaidheacht a's ag suainseán: ghom léasadh: ag tabhairt íde bhéil dom. Ag gabháil lé bataidhe ar a chéile: áis dá bhaint asta. Duine ró-leigthe seadh me, go rug an iomad iomaird orm, níl aon ghabháil leis an bhfuacht agam: fulang. Ní bhfaghainn gabháil leis an gcuideachtain: ní leigfí 'n-a measc me nó níor mhian liom é. Bítear ag gabháil díom, ghá rádh liom nách aon tairbhe dhon dtigh me a's gur mhéine leó me d'imtheacht liom: ghom ionsaidhe: ag itheadh a's ag bearradh orm. Bíonn an saoghal 'san aimsir ag gabháil díom: ghom chlipeadh a's ghom thuargaint. Dhá lá bhíodar ag gabháil den ndún nuair géilleadh dóibh: dhá ionsaidhe lé cómhacht fear a's airm. Sin madra a bhíos ag gabháil de chaoiribh: ghá dtóraidheacht a's ghá gciapadh. Tugann sé an lá a's an oidhche ag gabháil de leabharthaibh: ag foghluim a's ag stuidéar. Tinneas cinn ag gabháil díom i rith na hoidhche: é ghom bhuaidhreamh gan sos uaidh. Ná bídh ag gabháil de: ghá chiapadh. Cad tá ag gabháil díot ná fanfá socair?: cad tá ghod chur mar sin? É féin is mó bhíonn ag gabháil de féin: ag déanamh a dhíoghbhála féin. Cad de go mbír ag gabháil?: cad bhíonn ar siubhal agat. Dréir tuairiscidhe tá na Gearmánaigh ag gabháil nirt ar a namhaid an aimsir seo: ghá gclaoidheachtaint. Im sheódh bóthair atáim, gach aonne ag gabháil lastuas díom: ghom phasáilt: ag cuimilt a gcos ionam. Ag gabháil lín: ghá chur lé n-a théid .i. ghá chuibhreach de théid lé snáithín olna i slighe a's go mbeadh ar sileadh i gceart san uisce. Bíonn dhá innsint ar scéal a's dhá ghabháil déag ar amhrán: dhá chuma dhéag chun a ráidhte a's a chanta. Níl gabháil aonne mhic an Luain isteach ná amach chúcha, in áit go mbíodh na céadta, ná féadfá do chos do tharrac ann: siubhal, coidreamh. Ó mhaidean indiugh tá an namhaid ag gabháil na tíre: ag teacht isteach innte agus ghá sealbhughadh. Gabháil den dtuaigh i mbaic an mhuiníl a bheadh tuillte ge aonne a thabharfadh a chuid go léir do mhac ná d'inghin: bheith ghá bhualadh léi. Duine rúnda thusa, níor budh dhóigh lé duine go mbeifeá ag gabháil soir, sin é uair bheifeá ag gabháil siar: ag gluaiseacht: ag déanamh ruda. Is agamsa b'fhearr a fhios gur bh'é rud do chongaibh iad gan gabháil fúm a's me do thuargaint an iomad tacaidheachta do bheith agam: me d'ionsaidhe: teacht fém dhéin. Long ag gabháil ó thuaidh: ag dul sa treó san. Fear gabhála an bhóthair: an duine coitcheann. Bíonn tú ag gabháil tríom i ngan fhios d'aonne, an tslighe amadánta go gcaithir do chuid airgid: bíonn sé ag goilleamhaint orm. Ar an bhfuadar caithteach atá fút ní fada bheir ag gabháil tríod chuid: ghá mheilt: ghá scaipeadh. Níl an oiread gnótha dhá dhéanamh in aon dá shiopa ar an mbaile leis. Is mór an ghabháil tríd do bhíonn ann: trácht. Déanfad gabháil tríd an aiste seo d'fhéachaint cad é an saghas í: do léigheamh a's do scrúdughadh. Ní dheárnamair ach gabháil tríd an mbaile: níor shosamair ann. Duine é sin a bhíos ag gabháil roimis: ag taisteal: gan cómhnaidhe in aon áit air. Ag gabháil i ndiaidh gach aonne bheir choidhche ná cuirfeá clódh éigin ort féin a's beart do dhéanamh i gcóir do bheatha: ar deireadh: fágtha siar aca:

iad san ag dul chun cinn a's tusa tuitighthe ar do thóin. Níl aon ghabháil as an bhreóidhtigh aige, is eagal liom: níl sé ghá cur de. Dá mise thu bheinn ag gabháil as san go luath, tapaidh: ag cur díom. Bead ag gabháil sa ficheamhadh bliadhain: ag dul isteach innte. Ná bídh ag gabháil ó chéile anois, i bhfóireamh a chéile is fearr sibh: ag druideam: ag scaramhaint.

gabháil: *b.3.* turgnamh chun taois d'éirghe: giosta. Gabháil bhainne ghéir as phrátaidhe. An diabhal duit ná go bhfuilir ag fás 'sag borradh ar nós na gabhála: ag dul i méid mar bhíonn císte go mbíonn a choisce gabhála ann.

gabhailín: *f.4.* gabhal beag, port beag idir dhá shruth: áitín chúthail. Luigheamair isteach i ngabhailín faille chun fothana ón ngála: cúil bheag budh dhoimhne isteach 'ná an chuid eile. Is beag an mhóin ar an bhFiolar anois ach gabhailín annso a's annsúd: smut beag do phortach i bpoll fánach. Oiread an fhrighe níl ann, féach an gabhailín atá aige: an áit den nduine go scarann na cosa ón gcompar: cosa an-ghearra fé. Gabhailín mara, móna etc.

gabhaim: *b.a. 7 n-a.* beirim ar, cuibhrighim, ceanglaim, tógaim, deinim bráighe dhe; glacaim, sealbhuighim, siubhlaim, gluaisim, tugaim nó tógaim orm. Gaibh ar an slabhra san: cuibhrigh é: ceangail mar is cóir do. Gaibh air!: daingnigh é (téadán, slabhradh nó a lithéid). Gaibh air go sásuighir tú féin: bí ghá bhualadh go mbeir cortha. Gaibh air, ná leig do gabháil ort: buaidh air, ná bíodh an buaidh aige ort. Ghaibh sé pic air, leag sé fé lár trí huaire é: bhuaidh sé air. Lá is fearr 'ná an lá indiugh dá raibh sé ní gheobhadh sé orm: ní bheadh an fear maith aige orm. Gaibh im dhiaidh-se isteach a's ní thógfaidh aonne aon cheann díot: gluais. "Ceaca a ghaibh indiugh – Corcaigh nó Gaillimh?": bhuaidh. Cad dob áil leis sin ag maoidheamh? ní gheóbhadh sé ar chuil?: ní chuirfeadh ar lár í. "An té ná glacann cómhairle gaibheadh (gabhadh) sé an cómhgar": bíodh an t-aithghearr aige .i. a thoil féin. Gaibh ceann na téide chómh luath a's caithtear chughat í: beir id ghlaic go daingean uirthe. "Tuige ná pósair" – "ní gheóbhadh aon bhean liom": ní raghadh i dtreis a beatha do chaitheamh im fhochair. Gabhann an tseisreach go maith lé chéile: oibrighid na capaill go cómhshnáthach. Níl aon tseanbhróg ná go bhfaigheann sean-stoca: is beag duine ná go bhfaigheann a chómh chun claoidhte leis. Gabhaim-se (geibhim-se) orm go rabhais-se láithreach leis, cé dhéanfadh do ghnóth ann?: cuirfead geall: raghad in urradhas. Gaibh agam leathuairín, bead chughat: glac mo phárdún. Nár ghabhaidh Dia aige é mara bhfuair sé tiomáint an anama do bhaint as. Ruagadh ó pharóiste go paróiste é: "nár mhaithidh Dia dho": an fhírinne ghlan is í í. Nár ghabhaidh Dia agam go marbhóchadh é, tá an oiread san cúise agam air: Dia nár mhaithid dhom mara ndeinim. Ghabhas mo bhuidheachas leis (aige) ar shon a ndeárna sé dhom: thugas mo bhuidheachas do. Ghaibh sé a leathscéal aice i dtaobh gan beannughadh dhi: d'iarr sé maitheamhnachas uirthe. Ghaibh sé seilbh fhórsa sa tigh: chuaidh sé ann chun cómhnaidhthe lé barr nirt nó go neamhdhleaghthach. Níor gabhadh i bhfaidhnaise focal dár dhearbhuigh sé, dubhairt an giúistís gur éiteach ó thúis deireadh é: níor glacadh. Dá mbeifeá ag tuiteam ar do smúsaigh lé hocras ní gheóbhadh truagh é sin duit brúscar aráin do thabhairt duit: ní bhuailfeadh truagh ná taise é. Ghaibh maoithneachas dho me nuair chonnac an aindeise a's an salachar a bhí air: chuaidh tocht truaigh ceangailte ionam. Gaibh taise dho a's fóir é: tagadh báidh inntine agat do. Beir fada, righin anois air a's ná gabhadh aon fhearg thu: ná tagadh ort. B'é an duine déidheannach a fhágadh an baile mór

a's bíodh meádhon oidhche an turcaidhe sara ngabhadh sé a bhaile féin: sroicheadh. Tréis dhá mhí fén mbóchna siar dhá tuargaint a's dhá ruagadh ghaibh sí cuan sa Daingean: shroich sí é. Gaibh i leith annso go fóill, focal id chluais: tair annso. Chuaidh meádhachtaint a's fuinneamh na bpiléar i luighe gaibhte ar an gcosaint dá dhaingne bhí sí go ndeárnadar beárnacha fairsinge trís na fallaidhibh: ghoilleadar. Toisc an comhthruim a bhí agam chuireas gach buille i luige gaibhte ar an gcarraig: gach ceann aca rinne sé beart. Éist uaim thu, ní théigheann do chuid cainnte i luighe gaibhte in ao'chor orm: ní mhothuighim í. Tá an bhreóidhteacht dulta an méid sin i luighe gaibhte air gur deacair í do leigheas anois: dulta ceangailte go bhfuil a toradh dhá fhoillsiughadh aice. Síos cois na trágha do ghabhas: do shiubhalas: do ghluaiseas. Gheóbhadh sé de chosaibh ionat, mar tá sé ró-antréan: dhéanfadh cosair easair díot: phasálfadh sé thu. Gheóbhad-sa ar mo cheirtlín féin, is cuma liom mar gheall ar aonne eile: bead-sa ag casadh mo shnáithín féin: i mbun mo chúraimidhe féin. Do gabhadh ón Spioraid Naomh: do geineadh. I mbruinn máthar níor gabhadh fear budh ghalánta 'ná é: níor geineadh: níor cruthnuigheadh. "Cuirim ort" – "gabhaim orm" .i. "a dhubhshlán fút – glacaim é". Ar Éire saor ní gheóbhainn fén bpian úd airís, lámhacfainn me féin ar dtúis: ní fhuilngeóchainn leis. Is amhlaidh do ghaibh an bád fé amach, ní fhéadfadh éirghe sa hólaidhthibh, bhí sí ró-throm: d'imthigh cruinn díreach trí gach tonn. Mara ngeóbhair fútha gheóbhaid fút: mara n-ionsaidhir iad. Ná gaibh do chlé, tá an áit ró-anacair duit: ná gluais sa treó san. Mara ngeóbhainn uaidh sháthfadh me: muna seachnainn é nó imtheacht as a láthair. Nár gheairrid do ghaibh an t-urchar díom gur bhain sé fuaim dem chluais: do ghluais thar. Gaibh díom-sa an turus-so ná cuir faic chugham: gluais tharm: ná bac dom. Ná gaibh as san, fan mar a bhfuilir: ná gluais as. Fág an tigh seo léd mharthain a's gaibh rómhat: imthigh pé áit is mian leat. Dá mbeifí ag tafant go maidean air, tá sé ró-chúlbhánta, ní gheóbhadh sé aon amhrán: ní chanfadh sé. Is mise a gheóbhaidh ar láimh thu, aon lá do gheóbhair chughainn: aon lá do thiocfair ar cuaird beidh na fáiltidhe geala rómhat. Ná beadh ciall ghaoithe agat, gaibh tímcheall: siubhal tímcheall an tighe go dtí doras na fothana. Ceal siubhail níl ort dá ngeóbhfá amach orm-sa: dá mbuaidhfeá i rith nó i gcoisidheacht orm. Gabhann na dathacha me: beirid greim ar mo chnámhaibh mar bheidís i gcuibhreach aca. Ní gheóbhaidh an bád tríd an scríb sin choidhche: ní théarnóchaidh sí san ndrochuain. An dóigh leat go ngeóbhaidh na fir saor tríd an gcoir atá curtha 'n-a leith: ná daorfar iad. Neach ní raibh ann a gheóbhadh mo pháirt, a rian air do chuaidh rian na mbuillidhe orm: a sheasóchadh ar mo shon: a thagróchadh mo chúis. Choidhche ní gheóbhainn páirt an té a dhéanfadh éagcóir: ní thaobhóchainn leis. "Cá ngeóbhaidh an fiadh anois?" deirtear nuair bítear teanntuighthe. Gheóbhad lé dochtúireacht, is dóigh liom: leanfad mar ghairm bheatha. Ná gaibh an oiread gaoithe id sheól: caoluigh! Gabhann sé tharm go minic: tagann sé treasna orm. Gaibh do bhróga, táid ar sileadh leat: fáisc iad.

gabhair: *b.2.* aeiridheacht, guilm, dúil; neamhmeabhair, mire. Gal tobac ní raibh aige lé seachtmhain, tá gabhair (tobac) air: an dúil mhairbh aige ann a's buile ar an gcat a's ar an madra aige toisc gan é do bheith aige. Thiocfadh gabhair air chughat gan ach do mhéar do shíneadh chuige: thiocfadh stradhain air: bheadh sé ar barrghal imris leat. Aon mhairg ná cuireadh na daoine sin ort, bíonn gabhair éigin gach aon lá sa mbliadhain ortha: ar neamhmeabhair lé suthadh mar gheall ar rud éigin.

gabhairín: *f.4.* gabhar beag. An gcloisir an gabhairín reódha ist oidhche 'sa 'mheig, meig' aige: naoscach beag a néas glór ar nós an ghabhair.

gabáiste: *f.4.* cineál aithnideamhail plannda inithte. Crann (tor) gabáiste. "Glór an ghabáiste ge n-a cuid éadaigh": an giascán a baintear as nuair corruightear é.

gabhal: *f.1.* an tslighe idir dhá chois ainmhidhe, duine etc., úirlis go mbíonn dhó nó trí de bheannaibh air a's slighe eatartha: píce: laghar (bóthair): an áit os chionn an teinteáin go ndúnann an t-adhartha isteach ar a chéile oscal mara nó abhann isteach sa talamh. A rud gan chrích gan áird, go bhfágfá do chistin i ngabhal a chéile gan riar ar árus ná ar throscán: gach aon rud as a ionad féin. In aon lá amháin thuit arm Thír fé Thuinn i ngabhal a chéile a's ghéilleadar: d'imthigheadar gan treóir. Sin é, is cuma dhuit ach do chuid éadaigh do chaitheamh i ngabhal a chéile i gcúil an coighcís: gan órd gan riar. Is cuma cad deir daoine is fearrde an gabhal an teas: an t-achar, an scar idir an dá chois. Leath sé a ghabhal ar an gcapall a's ghread leis ag triall ar an ndochtúir: léim 'n-a dhrom, cos leis ar gach taobh de. Ná cuireadh sé aon iongadh oraibh siubhal do bheith aige, féach ar an scaradh gabhail atá aige: an chéim fhada toisc faid na gcos. Sin mar chaitheann an liaghairne sin an lá, a ghabhal leathta ar an dteine aige: leadaidhe a's cos leis ar gach taobh den dteine chun an teasa do ghabháil. Gabhal mór mara seadh cuan Chorcaighe: bléin nó oscailt a ritheas isteach 'on talamh. Chuaidh a chos ceangailte i ngabhal carraige: i scoilt. D'imthigh sé tréis an méid sin cainnte do thabhairt do agus a earball trí n-a ghabhal aige .i. gan puinn áthais air: an meas bainte dhe. Ghaibh sé trím ghabhal dem aindeóin: idir mo dhá chois. Chodail sé an oidhche sin i ngabhal crainn, ar eagla ainmhidhthe fiadhaine: laghar: an scar idir an tamhan agus géag leis. Ón ngabhal céadna iad: an síol céadna: an mianach céadna. "Tá greim ar ghabhal anois ag an nGearmáin ortha" ars an seanduine: greim docht, daingean, pianmhar. Ar theacht go dtín gabhal dúinn d'iompuigheamair soir díreach: crosaire nó áit go raibh a dó nó a trí de bhóithre ag teangmháil ar a chéile. "Cad é do ghaol le Tomás" – "gaol gallda ó ghabhal príacháin": gaol eachtrannaigh ó dhuine nár bh'fhios cér bh'é: aon ghaol in ao'chor: gaol ná háirmheóchadh aonne. Dóthain bliadhna de ghabhal móna: scar móna leathta amach ó threó bhun an phortaigh (an portach os a cionn a thugas ciall "gabhail" di). Cuas go bhfuil gabhal mór ag rith isteach 'on talamh ann: slighe, faid. B'fhearr liom mo ghathaidhe chun na feóla, is ortha is mó atá taithighe agam a's ní ar sciain a's ghabhal: úirlis búird go mbíonn beanna air.

gabhálach: *a.* creachach, scriosach, bearthach, géaruightheach. Don té ná bíonn a mhalairt aige tá prátaidhe gabhálach go maith: géaruighid a's bíd go maith chun taois d'éirghe i mbácáil. Ní hiasc gabhálach imiléad, níor airigheas aonne riamh go rug sé le dubhán air. Níl aon aicíd a ghaibheas an treó ná go bhfuil gabhálach uirthe: claon lé n-a tógaint. Ar an dtaobh so ní raibh riamh aon bhitheamhnach is gabhálaighe 'ná é, níor leóimhte dhuit oiread an frighe d'fhágaint fé n-a léith ach mar bheadh sé aige: greamuightheach: tógálach: ró-chlaon lé rudaidhibh d'fhuadach. Sasana ag greán ar an Almáin i dtaobh bheith ag gabháil tíortha beaga, laga a's ná fuil aon bhitheamhnach dúthaighe is gabhálaighe 'ná í féin ar chrioslach an domhain: is claoine lé talamh do shealbhughadh lé neart, calaois nó feall.

gabhal-árdach: *a.* gabhal-fhada, fadspágach. Connus a bheadh neart ann is a ghabhal-árdaighe atá sé a's an chabhail bheag shuarach atá aige: a bhfial "scoiltighthe" dhe.

gabhal-shraoth: *b.3.* gabhal-shruth, sileadh míosamhail: cnúcha: laighdeanna.

gabhálta: *a.r.* gabhtha: géaruighthe, tógtha, éaduighthe, cuibhrighthe. Tréis dhá lae ionsaidhthe tá an chathair gabhálta aca: tógtha 'n-a seilbh féin. Díreach a's me gabhálta gen ngárda i dtaobh bheith ag achrann: tógtha im bhráighe. Dhá líne daingean os choinne a chéile 'sis dóigh leis an dá thír go bhfuilid do-ghabhálta: nách féidir iad do shealbhughadh de bharr catha. Bean so-ghabhálta seadh í, tagann a cuid éadaigh go niamhair di: is furaiste dhi í féin do ghléasadh go taithneamhach toisc a clóidh.

gabháltaidhe: *f.4.* duine go mbíonn ádhbhar talmhan aige: criadhaire. Gabháltaidhthe beaga atá sa cheanntar bhocht so gan breis a's cion dhá bhó de thalamh ag aonne dhíobh.

gabháltas: *f.1.* feirm, fagháltas (talmhan, etc.), conncas: seilg éisc, etc. Gabháltas ró-bheag chun muirir móir do chothughadh, ní raibh ann ach ón láimh go dtín mbéal: feirm, ádhbhar talmhan, Sainnt an domhain air chun leathantais, budh maith leis an ceanntar ar fad bheith fé n-a ghabháltas: ceannas: maoirseacht. Ar an ngabháltas dochraideach, neamhfagháltaiseach atá aige is iongadh connus mhaireann air: sealbhantas deacair d'oibriguhadh a's gan puinn faic dá bharr. Gabháltas na mbád lé seachtmhain, budh mhó lé deich mbliadhnaibh: an tseilg: an méid éisc do ghabhadar. Gabháltas Gearmánach ar Thír fé Thuinn: a dteacht isteach ann chun a shealbhuighthe. Is aige atá an gabháltas fearainn is fearr ar an dtaobh so: an sealbhantas talmhan. Mhuise ní nár duit maoidheamh as do ghabháltas tréis do shaoghail: an méid atá curtha thart agat.

gabhann: *f.1.* coimeád: póna: tuar: áit thaisce. "An garrdha gabhainn": gort go gcoimeádtar ainmhidhthe ann gan baoghal a bhfágtha. Chaitheas bliadhain i ngabhann ag riaghaltas mo thíre i dtaobh ceannairce: fé choimeád a's chosc i mball teanntuighthe. Camp gabhainn: ball teanntuighthe 'n-a gcoimeádtar fé smacht bráigheanna nó droich-theangmhálaidhthe i rith cogaidh. Glas a's gabhann ort: go gcuirtear in áit thu ná beidh cead do chos agat a's go gcoingbhightear ann thu: fál doghabhála go raibh id thímcheall. Níl gabhann ná cosc ag aonne air: saor chun pé rud is maith leis do dhéanamh.

gabhar: *f.1.* ainmhidhe folamh-adharcach, fionnadh cosamhail le gruaig air, é mear, guagach; árdstrapadóir é. "Nuair théigheann an gabhar 'on teampall ní stadann go dtéigheann ar an altóir" .i. daoine ann ná bíonn sásta trí n-a neamhéifeacht a's gligínteacht lé beagán éirghe anáirde gan dul thar cuimse ar fad. Bhíodar ag faoidhridh fé a's ag feadghail gur dheineadar gabhar ar a chosaibh de: breallán: chuireadar ar mire é. Dréir cosamhlachta tá na Cómhachta Cómhair in adhairc ghabhair gen Almáin, ní heól dóibh connus, canad ná cathain d'ionsóchaidh aon lá iad: i ndraip cheart: i gcantaibh. "Ag iascach gabhar ar pholl gan deallramh": ag déanamh iarrachta nó ag tabhairt fé rud ná fuil aon chosamhlacht éirightheach air. Glaodhadh go hÁth Cliath air ar thoisc thábhachtaigh a's ní raibh an costas bóthair aige, chuir san in adhairc ghabhair é: i gcruadhtan cheart: in ionad nár bh'eól do cad budh cheart do do dhéanamh. Níl gabhar na mionnán aige: an-bhocht. Oiread a's chothóchadh gabhar de thalamh na hÉireann níl agam: fód de níl im

sheilbh. Chómh mear lé gabhar. “Na gabhair do dheighilt ós na caoire”: an t-olc ’san mhaith do chur ar leithrigh leó féin. Pocán, poc (gabhair): an ceann fireann; mínseach, an ceann baineann; mionnán, an ceann óg. Tá gach aon léim aige mar bheadh ag pocán (gabhair): lán de mhireacht. Mionnán gabhair, piscín cait bíd an-mheidhreach. Cineál éisc gur mó é ná maircréal (ronnach) guinnidhe air agus ar a dhá chliathán ó sceólmhaigh go hearball riasta cruaidh guinneach. “Ní haon mhall an fhaoileann nuair éirgheann na gabhair”: éirigheann an gabhar i ndiaidh na beatha, ní túisce sin ná bhíonn an fhaoileann ar a tóir, leis. D’íosfainn leitís mar itheann na gabhair gabáiste: lé guilm: lé fonn a’s dúil. Ag baint na holna de ghabhar nó bheith ag baint fiach de: rud nách féidir. “Is fearr marcaidheacht ar ghabhar ná coisidheacht dá fheabhas”: dá oilceas a’s dá aite an t-ainmhidhe do bheadh fút b’fhearr é ’ná na cosa do thabhairt do.

gabhar-uisce: *f.4.* sileadh ón súil lé géire na haimsire. Thugainn fé ndeara na hiascairidhe tréis na hoidhche suaidhte, tnachta a’s gabhar-uisce lé n-a súilibh: uisce ag teacht leó ó dhuibheacha na hoidhche ar muir.

gábhatar: (**gábhtar**) *f.1.* ceal, uireasbhaidh, gorta. Dá mbeifeá ’n-a ghábhatar thabharfainn duit é ach ó tá cumas agat féin air beir ’n-a uireasbhaidh uaim-se: dá dteastuigheadh sé go cruaidh air. Nuair theip na prátaidhe príomh-bhiadh na ndaoine a’s gur bailigheadh chun siubhail an chruithneacht, lean an gábhatar a’s bhí na daoine ag fagháil bháis ar nós siocán: an ghorta: an t-uireasbhaidh beatha. Níor dhún a shúile ar a chéile lé dhá oidhche, is é tá i ngábhatar codlata: ní mór do codladh do dhéanamh. Is fada fé aindeise a’s ceal é, ach níl gábhatar sa tsaoghal anois air, tá a dhóthain aige: níl aon rud uaidh ná gur féidir leis do bheith aige. Má ithir an trufais sin beir i ngábhatar an tsagairt: beir ar thuilleamh báis: déanfaidh sé breóidhte go holc thu. Nár mhaoidh Dia a shaoghal air, bíonn sé i ngábhatar éigin gach lá: cruadhchás: rud éigin ag teastáil uaidh ná bíonn dul aige air. “Níor ghábhatar do an t-airgead go léir d’fháscadh asat in aonfheacht” – “budh ghábhatar leis é” .i. dhéanfadh sé a ghnóth gan é ach níor bh’é sin budh thoil leis, ach é do bhaint amach. Ní gábhatar duit fotharaga mór do bheith ort, tá an lá so fada a dhóthain ag aonne: níl aon chall leis. Budh cheart do lucht an ghustail cuimhneamh ar lucht an ghábhatair agus lámh chónganta do thabhairt dóibh: iad so ná bíonn gannaidhe na beatha corpardha aca. Níl ann ach go ndéanfadh sé an bheart lé linn gábhatair: in am géibhinn: ar uain teagmhais obainn ná fuilngeann moill do chaitheamh leis. Snas liath ar na dóirsibh, tá gábhatar aca lé dath: d’oirfeadh dóibh go maith: teastuigheann sé uatha: riachtanas: feidhm aca air. Dhá chur i dtaisce chun gábhatair é seo: i gcóir an lae chruaidh. Iomcharann sé arm teine chun gábhatair: ar eagla ionsaidhthe. Sin biadh a’s deoch siar síos agaibh, ná fágaidh aon ghábhatar oraibh féin: caithidh bhur leór-dhóthain. Níor fágadh aon ghábhatar orainn: fuaireamair ár ndóthain.

gábhatrach: (**gábhtrach, gábhatrach, gábhtarach**) *a.* easbhaidhtheach, bocht, gábhach, riachtanach. Níl luid air, tá sé an-ghábhatrach lé héadach nuadh: níor mhór do go cruaidh é. Fág an áit sin, a mhadra, maran gábhatrach ataoi lé feóil: is mór go deimhin mar theastuigheann sí uait: aon chall níl agat léi. Chuirfeadh duine gábhatrach a cheann fén roth!: an té go mbíonn rud uaidh chómh géar san a’s nách féidir leis déanamh dá cheal raghadh sé i dtreis aon chonntabhairte chun a shroichstinte. “An dtabharfá do chapall ar iasacht dom?” – “is gábhataraighe me féin leis”: is mó do theastuigheann sé uaim féin.

“Níl aonne is gábhatraighe do dhuine ná é féin”: féachadh duine chuige féin ar dtúis: do leas féin roim leas an duine thall. Budh ghábhataraighe fé mhucaibh an tír ’ná fé eadáil ná caoire: is lugha díobh a bhí ann agus is iad is mó a bhí ag teastáil. Ceanntar ró-lom, ró-fhiadhain ní fhéadfadh gan daoine gábhatracha do bheith ann: daoine ná bíonn gannaidhe bheatha a’s áise aca a theastuigheas uatha go géar.

gabhgaidhe: *f.4.* bleácach, bruachán: duine a chaitheas a shaoghal go fuairthéach ag amharc ’n-a thímcheall gan faic do dhéanamh, nó a bhíos ag tnúth ar dhaoinibh eile. Sheasaimh sé annsúd ’n-a ghabhgaidhe, a ghuala lé hursain aige, ag súil go bhfaghadh cuireadh ’on chuideachtain: gna focal as ag súil le cao. Cad é an gabhgaidhe é siúd a chaith an mhaidean ar scéimh na bhfaillteach: a bhí sall ’sanall ag dearcadh síos annso a’s annsúd. Tóg do lámha as do phócaidhibh, a ghabhgaidhe, a’s dein rud éigin: a liaghairne gur b’é t’aon chúram bheith ag snámhcán ó sheómra go seómra ag féachaint ar dhaoinibh eile ag saothar. Chaith sé an lá ar an gcrosaire ’n-a ghabhgaidhe d’fhéachaint an ngeóbhadh aon ghluaisteán an treó a bhéarfadh marcaidheacht ’on chathair do: ’n-a bhruachán: ag faire lé leisce siubhal é féin. Buaileann chugham isteach ceathrar gabhgaidhidhe sráide ag tnúth lé digh: bleácaigh: liaghairnidhe díomhaoine gur b’é a rún bheith ag faire cá bhfaghaidís “snap” do bhaint as. Ní fhanann aonne amuigh ón Aifreann ach gabhgaidhe: duine gur cuma leis. “Is buaine an gabhgaidhe ná cearrbhach”: an té a bhíos ag féachaint ar an imirt ní hé a chailleas faic. Ghaibh gabhgaidhidhe éigin an bóthar, cheistigh na Gárdaidhe iad d’fhéachaint cad é a gcúram san áit, ó bhí drochamhras aca ortha: fánaidhthe róid. Mo mhairg ’sis fada ó fheirmeóiridhibh sibh, níl ionaibh ach gabhgaidhidhe a chaitheas an lá a’s bhur n-airm fé nbhur osclaibh agaibh: scraistidhe díomhaoin gan a n-inntin ar a ngnóth. Ars an bhean bhocht chráidhte lé n-a póitire fir, “má choimeádair mise annso im ghabhgaidhe, im scáthán sráide cuimhneóchair air”: im staic: gan faic ach bheith ag faire léd theacht.

gabhlach: *a.* deighilte, géagach, beannach, bléineach, góilíneach. Tír ghabhlach ar feadh an chósta ar fad seadh an Lochlainn: góilínidhe fada doimhne ag rith i bhfad isteach sa talamh ann. Leabharuigh leis, a chara, ná fuil aon cheal aoirde air, is é atá go fad-ghabhlach: hannlaidhe fada cos fé. Cnoc gabhlach seadh Cnoc Bhréannain: é lán de chomaibh doimhne. Ar bhaineas d’adhmad teine de chrann gabhlach a bhí in aice liom: go raibh mórán géag a’s slapar air. Cuan gabhlach go raibh béal cumhang air: fairsing, mór isteach ón talamh.

gabhlán: *f.1.* géag, beannán, ladhar chrainn, taom, góilín, com cnuic. Budh bheag é mo thaithighe ar ghabhlán ná eile ach na gabhláin do thug Dia dom: forc: mo chrobhanna. Na Gabhláin: bailte isteach i gcom na gcnoc. Chuir an airc chun bídh gabhlán breóidhteachta: masmus: taom. Chuadhamair chun leaba ancaire i ngabhlán mara: i ngóilín fothaineamhail. B’é toil Dé gur cheangail sé i ngabhlán crainn, dá dtuiteadh go talamh, bheadh a mharbh air: ladhar. Tá a órdóg agus a mhéar spáin (teasbáin) gan aon áis aige de dheascaibh cor gabhláin: cor ladhaire: rud tinn eatartha istigh. Gabhlán dubhach ort maran me atá clipighthe agat: taom olc go dtagaidh ort.

gabhlánach: *a.* ladharach, géagach, deighilte, bórach, cam-loirgneach. Cósta gabhlánach: go mbíonn mórchuid góilínidhe, bléineann a's cuanta fada isteach sa talamh. Nách gabhlánach a shiubhlann tú: bórach: siubhal fairsing aimlidhthe.

gabhlánaidhe: *f.4.* bóithreán, duine nó ainmhidhe a shiubhlas a's a chosa leathta, aimlidhthe. Gabhlánaidhe neamhshlachtmhar capaill ná féachadh ceannuightheóir air: capall a's siubhal ró-fhairsing aige. Briseadh a dhá chois, nuair shnaidhmeadar bhíodar cam, tá sé 'n-a ghabhlánaidhe ó shoin: cor a's scuabadh 'n-a chéim.

gabhlánaighe: *b.4.* fairsigne idir loirgnibh, bórghal. Budh thaithneamhach an bolcán fir é mara mbeadh an ghabhlánaighe atá ann, taidhbhsigheann sé an-ghránda ag siubhal: fairsinge mhór idir a dhá ghlúin. Capall ná fuil cruinn in áit chumhang tá an iomad gabhlánaighe ann: scar ró-fhairsing idir a chosaibh.

gabhlóg: *b.2.* an ladhar go dtagann dhá bheann, shlat etc. lé chéile ar nós dhá mhóir: forc: seastán a's ladhar air: ladhróg. Is deacair treabhadh ameasc na ngabhlóg caithfear iad do rómhar: mórán clas gearr lé hais claidhe cam a's a thagas chun a chéile i mbarr mar a mbíonn an chéad leaba dhíreach. Sín chugham an ghabhlóg cheithre mbeann san: forc. Bíonn gabhlóg ar an gcrann tabhaill: ladhróg mar a dtagann an dá thaobh lé chéile. Greadadh an croiceann ar ghabhlóig a thóna: i ladhair a thóna. Luigheas isteach i ngabhlóig carraige ón sín: scoilt. Bíonn gabhlóg agam chun na sceach do ghearradh: slapar beag dhá bheann a's cos as lé sáthadh tímcheall na sceach chun teacht ortha.

gabhlughadh: *f.* (*-uighthe*) ladhrughadh, eascar, géagadh, brainnsiughadh. Ar theacht duit mar a bhfuil an bóthar ag gabhlughadh, tá cómhartha eólais ann a's inneosaidh duit ceaca des na trí bóithre do thabharfair ort féin: mar a n-imthigheann bealaigh eile uaidh mar scarann géaga ar chrann. Beidh tamall fós ann sara mbeidh an crann ag gabhlughadh tá sé ró-óg, níl ach ag péacadh fós: go beidh beanngáin ag fás amach as i ngach treó. Ní tháinig ar dtúis ar an dtaobh so ach líon tighe amháin díobh; nár bh'iomadamhail an gabhlughadh do dheárnadar go bhfuilid go flúirseach i ngach paróiste anois: an leathanughadh: an t-eascar rathamhail.

gabhluighim: *b. n-a.* eascraim, péacaim, géaguighim, scéidhim i mórán treó. Ghabhluigh na sceacha, an táithfhéithleann, a's an t-aiteann chómh flúirseach san ar thaobh an chlaidhe go ndeárna fál cosantach, cluthair: shín amach a ngéaga, phréamhuigheadar, leathanuigheadar. Ó Bh'l'Áth Cliath go Baoi Bhéara ghabhluigh na Geartalaigh ná fuil puinn paróiste ar an bhfeadha san ná faighfí duine den gcinidh ann: shíolbhruigheadar a's leathanuigheadar. Droichshíol seadh é, nách shin é lán de smuirt é, ná gabhlóchaidh: ná péacfaidh: ná cuirfidh amach fiú.

gábhmhar: *a.* gábhach, uireasbhach, daidhbhir, bocht, i gceal. Dhe Mhuise tá an fear bocht gábhmhar go maith lé feighre bróg, sin iad méireannta a chos "ag teacht ar an saoghal": táid ag teastáil uaidh: d'oirfeadh do iad do bheith aige: cruadhtan air a bheith gan iad. Ceaca is gábhmhaire lé déirc: cé hé is mó atá 'n-a chall: go dteastuigheann sí uaidh chun gannaidhe beatha agus cuirp do shásamh. Gan aon amhras ar domhan tá na mílte mílte go gábhmhar ag teicheadh ó fhód an chatha i dTír Fé Thuinn: go

huireasbhaidheach: ceal éadaigh, a's ocras a's cruadhtan dá réir. Is minic minic gur b'é an té is neamhghábhmhaire a gheibheas an rud a bhíos le haghaidh an riachtanaigh: an té is fearr a dhéanfadh gan é. Rud gábhmhar chun gluaisteáin do chur siubhal, óile: riachtanach: nách féidir déanamh dhá cheal. Bhí na máirnéalaigh gábhmhar go maith lé teacht i dtalamh, chaitheadar trí ráithe fada, díreacha ar an muir: d'oir sé dhóibh leis an suathadh a bhí beartha ortha.

gabh-shnáth: *f.3.* snáithín láidir snáthaide.

gabhtha: *a.r.* ceangailte, cuibhrighthe, bráighe déanta dhe, gléasta, beartha air: stanncuighthe: tógtha i seilbh, múchta. An tsiléig agus an neamhshuim is bun lé gan sibh bheith gabhtha chun saothair fós: gléasta: curtha i bhfearas. Dá mbeadh na slabhraidhe gan bheith gabhtha dos na leathleathaibh d'éireóchadh an capall ó bheith ar míochomhthrom: ceangailte. An bhfuil gabhtha fós agat ar shiota an tseóil?: é greamuighthe de chléith nó de rud éigin a choingbheóchadh 'n-a cheart é. Luigh an slaghdán ar bhéal mo chléibhe go rabhas chómh gabhtha san aige gur ar éigean d'fhéadfainn m'anál do tharrac: múchta: greamuighthe. Ar an gcéad chathaoir a bhuail liom ná raibh gabhtha do shuidheas uirthe: duine 'n-a shuidhe uirthe nó rud éigin caithte uirthe. Mo chnámha chómh pianmhar san go bhfuil a fhios agam go bhfuil atharrughadh aimsire air: stanncuighthe: do-lúbtha: neamh-éascaidh. Aon fhóirithint airgid ní fhéadfainn do thabhairt air, do bhíos ró-ghabhtha: muirearaighe mo dhóthain orm lé freagairt gan a thuilleadh do tharrac orm fein. Connus fhéadfainn breith air nuair bhí mo dhá láimh gabhtha roim ré: i bhfeidhm cheana: rud éigin 'n-a mhuirear ortha. Bead ró-ghabhtha ambliadhna chun aon laetheanta saoire do thógaint: an iomad lé déanamh agam a's gan eaga dá chionn san agam. Bean mheónamhail í sin, ní fheaca riamh ach gabhtha go maith í: gléasta. Tá na hairm throda chómh gabhtha san 'n-a chéile anois gurb áidhbhéil an t-ár atá eatartha: chómh sáidhte, dlúithte, fíochmhar san. Fiche míle bráighe atá gabhtha orainn ó indé: tógtha orainn. Is truagh go deó bean chómh maith léi bheith gabhtha lé cníopaire súigh!: i gcuing phósta. Is fada imthighthe ó n-a chéile í a's gabhtha le fear eile: claoidhte leis: i gcóimhthigheas. Cheithre chéad fear againn gabhtha i ngabhlán cnuic gan aon chao éaluighthe: teanntuighthe. Scaoileas uaim an doras amach í agus mo bheannacht in aonfheacht léi, ní bheinn gabhtha léi, bhí mo shaoghal a's mo shláinte briste aice: ní bheinn ag bruic ná ag foidhneamh léi. Féach go bhfuilid gabhtha lé bheith 'n-a maireachtaint ar an oileán mara san, áit ná fuil siubhal aonne ortha: lántsásta leis. Cé leis go bhfuilir gabhtha i ngnóth anois?: i bpáirtidheacht. Nuair bhíonn gabhtha ge duine trí n-a chuid airgid tugann a chómhluadar a gcúl leis: imthighthe tríd: é caithte aige. Gheallas an páipéar do nuair bheadh gabhtha thríd agam: féachta agam cad é an nuadhacht a bhí air. Tusa an duine go bhfuil gabhtha tríd an saoghal go saoráideach agat: beartha bhog gan duadh cuirp ná aigne. Ar fhaid do bhí sé ghod chonnstrabháil a's ghod cheistiughadh ní foláir nó tá gabhtha tríot ó thalamh aige: tú ciarlálta: gach cunntas a bhí uaidh taighdthe aige. Níl an cath ceart adeirtear sa Bheilg gabhtha fé i gceart fós: tosnuighthe i ndáiríribh. Níl aon chath atá curtha gen namhaid ortha fós ná fuil gabhtha pic aice ortha: búrdálta, buaidhte amach 'samach. Fadó riamh indiu sar ar éirighis do bhíodar gabhtha thar brághaid: imthighthe. Bhí sé gabhtha amach orm ar dalladh sara bhfeaca: dulta chun cinn orm. Seadh, tá sé gabhtha uainn anois, a's ní haon náire dho é, bhí aos maith aige: fachta bás. Sara raibh an aicíd gabhtha as an áit bhí na sluaighte

bailighthe léi aice: imthighthe. Fuairtheas a chorpán gabhtha idir dhá charraig: greamuighthe. Ní fada ná go mbeidh ár dtrioblóididhe gabhtha tharainn: iad imthighthe dhínn. An bhean bhocht marbh ag lán tighe de chlainn gabhtha aiste de ló a's d'oidhche: ceangailte: d'iarraidh aire do thabhairt dóibh. Cad é an saghas oibre go bhfuilir gabhtha as fé láthair: ag gabháil de: ag saothar air. Budh dhóigh leat ar an bhfeirmeóir nuair labhrann sé gurb as do bhíonn cúraimidhe domhain bhraonaigh gabhtha: gurb air a bhíonn a gcur chun críche. Gabhtha 'n-a chliabhlach gur bh'éigean do puragóid d'ól: cruaidh: doscaoilte. bóna a léine ró-ghabhtha fé, go raibh ghá fhola-thachtadh: rótheann: róghreamuightheach. Bhí sé ró-ghabhtha suas 'n-a chuid éadaigh chun snámha a's shúngcáil sé: an iomad fáiscighthe air do chosc lúth a ghéag.

gabhthach: *a.* ceangaltach, cuibhrightheach, greamuightheach. Dá mbeadh an stampa gabhthach ní thuitfeadh den gclúdach: greamuightheach: righin-cheangailteach. Duine coimhtheach ná fuil gabhthach lé haonne, gur fearr leis bheith 'n-a aonar: dlúth: leanamhnach. An bheirt bhitheamhnach úd is maith gabhthach atáid lé chéile: luighid go dílis lé chéile: gabhaid go maith oireamhnach lé chéile. Budh dheacair hob ná héib do bheith as lannsa na scine bhí sé gabhthach daingean leis an gcois: ceangailte go dlúth. Fear ná fuil so-ghabhthach ge baile eisean, bíonn ar chúram éigin lasmuigh fén dtír go han-mhinic: nách furaiste bualadh uime nó dul chun cainnte leis. Is annamh riamh a rug aon iascaire, is cuma liom dá fheabhas é, ar bhreac sa loch san, iasc do-ghabhthach atá innte: gur an-dheacair breith air.

gach: *a. f.a.* ceann (ar cheann): an uile 'n-a gceann a's 'n-a gceann. Guidhim gach maith duit: na maitheasaidhe go léir. Dia do chosnamh bhur dtighe ar gach olc: an uile olc. Nuadh gacha bídh agus sean gacha dighe: an uile shaghas. Ná bí ghá dtoghadh, bíodh gach uile cheann agat: iad go léir. Gach re buille aca ar a chéile: mar bhuaileadh duine aca chúitigheadh an duine eile é lé buille eile. Gach re lá a bhíonn ag obair againn: an dara lá i gcómhnaidhe. Bhí gach aon scread a's liúgh aige lé pian nimhe: ní raibh stad ná staon ag dul air: ag éirghe ar a phiantaibh do bhí. Ní gábhadh é a fhiafruighe connus tá sé in ao'chor gach aon léim as a chorp aige lé teasbhach: ní stadann sé ach ag foillsiughadh a mhire. Tómhais anois iad a's cuirfead geall leat go bhfuil Séamas gach re órdlach chómh hárd le Tomás: gach aon phioc: gur cómh-aoirde iad. Bhíodar ag dul an-dhian ar a chéile, ag tabhairt gach re seadh dá chéile: focal cruaidh in aghaidh focail cruaidh. Bíodh geall go bhfuilim gach re lá aoise leat: gach aon phioc chómh haosta leat. Gach a raibh lé fagháil de ní raibh ann ach a cheann: an méid ar fad. Éide ar gach a bhfeaca: na daoine go léir do chonnac. An b'sheo gach a bhfuil agat de leabharthaibh?: an t-iomlán. D'ith sé gach ar fhéad sé go raibh a bholg ar a chúinne aige: an méid. An droichscéal céadna a bhí ag gach ar bhuail umum: an sluagh go léir. Féach trí gach treóir go raibh an t-airgead i ngan fhios aige: tríd an uile chruadhtan. Gach ar fágadh beó dhíobh níor bh'fhiú a n-áireamh: an líon a théarnuigh an scrios. Bí ar nós gach duine: ná bí corr leis an gcoitchiantacht. Geallaim duit ná brisfidh a chroidhe lé hobair, síneann sé siar do féin gach re seal: tamall ag obair a's tamall díomhaoin. Gach dalta mar a hoiltear: an té aca do gheibheann oileamhaint mhaith bíonn dá réir, an té ná faghann bíonn dá réir sin, leis. Gach n-aon a ghoillfeadh ná fhóirfeadh orainn: an líon iomlán 'n-a nduine a's 'n-a nduine. Beannacht Dé le hanaman gach n-aon: na peacaigh go léir go raibh aithne againn ortha. Tógadh gach neach againn: sinn uile. Mar go raibh braon sa tsúil aige do bhí gach

re lasca aige ar an gcat a's ar an madra: buille thall 'sabhfus ar gach nidh a thagadh 'n-a bhealach. Gach ar ól sé mharbhóchadh sé stail chapaill: an méid ólacháin. Ar gach ar shiubhal sé ní bhfuair sé aonne a thabharfadh greim bídh do: an líon daoine. De gach a raibh de chlainn aige b'é an fear budh ghalánta aca é: ar a líon go léir. Ar gach céim dá dtugaidh sé tógtí leis: iad go léir 'n-a gceann a's 'n-a gceann. Táim chun gach aonne: tá m'fhearg (mo thagairt etc.) dírighthe ar a bhfuil ann agaibh.

gad: *f.1.* tuige casta curtha in áis: ceangal: buannacht, cosc, iachall. Nách mór an gad atá orm sa tigh seo gur b'éigean dom rud do dhéanamh ar an ndailtín is lugha istigh: an t-iachall: an t-éigean. Níl aon ghad ag aonne anois air, tá sé saor, neamhspleádhach ar gach aonne: buannacht: iachall. "Nuair chríonann an tslat is deacair í (do) shníomh 'n-a gad" .i. an té go leigtear do as a óige gan smacht do chur air, is dóichighe nách féidir comhthrom ar bith do bhaint de nuair aosuigheann sé. Táim i ngad an bhagúin ó mhaidean, ag feitheamh lé scéala a's gan aon tuairisc ag teacht orm: ar míofhoidhne a's imshníomh. Tá na Cómhachta Cómhair i ngad an bhagúin gen Almáin, ní fios dóibh ón nóimint go dtín uair cá bhfuil sí chun iad do phleanncadh. Is mar a chéile dhuit bheith d'iarraidh na mbróg san atá tuitighthe as a chéile do dheisiughadh nó bheith ag cur gaid um ghainimh: is fuar é do ghnóth. Gad brághad air ná féadann sé ach fíorbheagán do shlogadh: cosc 'n-a scórnaigh. A chladhaire gaid, cad é an útamáil atá ort ameasc mo choda-sa: a chrochaire: duine gur b'é a dhán é do chrochadh. Níl aon rud oireamhnach don té a mharbhuigheas aonne lé n-a thoil mheanmnaigh ach an gad: an siollán: a chrochadh (lé gaoith). Tá sé de ghad air gan dul isteach 'on cheanntar fógartha san: de chuing: cuirfear duaidhnéis áirighthe air má théigheann. Dá mbeinn chómh righin lé gad níl sé ionam seasamh ag obair ó lochtaint go hamhascarnaigh: righin, fuilngtheach. Gad ort, nár sháruigh é nuair bhí an chao agat air: léan ort, bíodh a aithreachas anois ort. "An gad is giorra don scórnaigh is córa do réidhteach ar dtúis": an rud is géibhinnighe a bhíos ag breith ar dhuine gur cheart aghaidh do thabhairt air roim aon rud eile. Is tusa an gad chun aon rud do thabhairt duit lé déanamh: an caonaidhe righin, leasc, neamh-éascaidh. Droichchrích ar an ngad cad eile go mbeadh súil agat leis ach tu d'eiteach: duine tur gan aon teacht aniar ann. Deineann a lán, 'n-a ghad sa chúinne, fuar díomhaoin, righin chun corruighthe. Táim gan chabhair mar deirir, níl gad agam-sa ar aonne: buannacht chónganta. Is fearr lán duirn d'fhear ná lán ghaid de mhnaoi: dá luighead fear is fearr ná bean dá mhéid. Leigfead an gad do chur fúm ar dtúis sara scéidhfead do rún: me do chrochadh. Beidh gad éisc agat as an abhainn sin, tá an-bhreith indiu air: cuid mhór, mhaith. Cuir gad nó dhó sa tsean-cháithtigh: tuigidhe casta san tseanbheardóig. Fáisc an teara-ghad fé bholg do chapaill nó iompóchaidh an tsrathar: an fáisceán a bhíos thíos fé n-a bholg. Gaid bhrollaigh: "gaid ó thalamh": na gaid a bhíos aníos ó bhun na hughamach i gcuibhreach an mhaide a théidheas treasna ó leath-ughaim go chéile chun a choimeád in ionad.

gadaidhe: *f.4.* bitheamhnach, sladaidhe, srathaidhe, bradaidhe, foghlaidhe. "Goid ó ghadaidhe goid gan pheaca": má bhíonn rud mícheart, éagcórach ag duine, ní mór an díoghbháil é do ghoid uaidh. An bhféadfainn meas is measa do bheith agam ort 'ná meas gadaidhe: an meas a bheadh ar dhuine a bheadh ag bailiughadh coda chách leis go héagcórach, nó go neamhdhleaghthach. Lé duine a bhíos ag árdach rud leis go tiugh deirtear, "buadhann sé ar an ngadaidhe dubh": bitheamhnach críochnighthe toghtha é.

“Go deimhin, deimhin adeirim libh cibé duine ná téigheann isteach tríd an ndoras go ródh na gcaorach ach a ghreamuigheas suas i dtaobh eile is gadaidhe é agus bitheamhnach” (Eón X. 1): duine a árduigheas leis cuid dhuine eile gan buannacht go neamhdhleaghthach. Nuair chruadhann an gadaidhe is deacair é do lúbadh: nuair leigtear a ceann leis an óige bíonn duadh ’n-a haois í do smachtughadh. Dá mise thu ní fhágfainn an nidh luachmhar san ar bóiléagar, cuimhnigh go néann faill gadaidhe: is iomdha duine a ghoidfeadh nuair bheadh cao fhairsing aige. Siúd é an gadaidhe is mó agus is treise dhíobh go léir tuiteann gach aonne lé n-a ghad: an bitheamhnach .i. an bás. Nuair bítí fadó riamh ag dul go Corcaigh le hím a’s anairt bhíodh na sluaighte gadaidhthe bóthair ar thí na ndaoine: bitheamhnaigh a chlaoidheadh a gcuid foghlaidheachta leis na bóithribh rianta. Gadaidhe gadhair agam a gheóbhadh amach rud fé chloich: gadhar á árdóchadh leis i ngan fhios. B’shiúd é an gadaidhe gála is measa a tháinig annso lém chuimhne-se: gála obann gan choinne leis. Ní maith ná ní taithneamh liom é, tá siubhal an ghadaidhe aige: siubhal aicillidhe, aireach. Ná cuir do chos in ionad coise an ghadaidhe: ná lean a lorg nó is tinn duit. “Fág fén ngadaidhe é”, deirtear nuair bhíonn rud árduighthe chun siubhail budh dhóigh lé duine nár bh’fhéidir d’fhagháil amach nó a chorruighe. Cuir gadaidhe i ndiaidh gadaidhe: bitheamhnach a bheadh comhthrom lé bitheamhnach.

gadaidheacht: *b.3.* bitheamhantaidheacht, foghail, sladaidheacht, srathaidheacht, bradaidheacht. Níl faic dhá thaidhbhreamh don ainmhidhe sin ach gadaidheacht: bradaidheacht: bheith ag dul i bhfoghail ar chuid na gcómharsan. Bhíos ag gadaidheacht liom ar mo chromadh cois an fhalla d’fhonn a’s ná feicfí me: ag caolughadh liom: d’iarraidh me féin d’fholach ó amharc aonne. Gadaidheacht bhréan dob eadh rud do thógaint ó leanbh: tógáil ná raibh aon deallramh leis. Gach aon lá bhíodh an cléireach ag gadaidheacht sa tsiopa: ag cúbláil chuige i ngan fhios. Níl in ualach móna do thógaint le linn gábhatair ach mion-ghadaidheacht: sladaidheacht ar rud shuarach. Mara gcuireann Dia ar a leas é agus stad beidh toradh a chuid gadaidheachta aige: gheobhaidh sé an déanamh a gheibheas a lithéid i gcómhnaidhe .i. díol go daor as.

gadaire: *f.4.* leadaidhe, máineálaidhe. Púdar do chur thiar leis an ngadaire sin ní mhothalóchadh sé, tá sé chómh leasc san: máineálaidhe: duine ná bíonn corruighe na coise ann lé righineacht. Éirigh, a ghadaire, a’s ná bím ag féachaint ort id shliasta annsan: duine gan suim ’n-a chúram.

gadaireacht: *b.3.* leadaidheacht, siléig, máineáil. Lé gadaireacht atá sé sin sa leabaidh a’s ní lé breóidhteacht ná gearán: díomhaointeas lom. Fanfaidh san annsan anois lé gadaireacht a’s is mar a chéile dhuit bheith d’iarraidh é do mhúscailt chun gluaiseacht nó bheith ag cuimilt do mhéire de chloich: righineacht: manaois, leisce a’s neamhshuim.

gadhar: *f.1.* madra, madra fiadhaigh. Na gadhair budh cheart do chur ’n-a dhiaidh fámaire fir mar é ag feádhaireacht ó thigh go tigh. Chromadar orm mar bheadh scata gadhar ghom ionsaidhe go fíochmhar. Tabhair drochainm ar ghadhar a’s caithfidh gach aonne cloch leis: chómh luath a’s tugtar fé chlú duine turus amháin ní misde leis an sluagh a masla d’adughadh air. “Gadhar agam-sa a’s me féin ag amhastaraigh” .i. me féin ag déanamh a chúraim: buachaill nó giolla agam a’s me féin ag déanamh na hoibre ar fad. Gadhar caorach, fiadhaigh, tighe, fartha, gunna. Dheineadar gadhar lataighe dhíom ag

déanamh gach aon chúraim budh shuaraighe a's budh shalaiche (shailiche) ná a chéile dhóibh. Biadh ná tabharfainn don ghadhar: biadh gan mhaith. Maistín gadhair ná leigfeadh neach i ngoire an tighe: madra mór cuthaigh. An fharraige tuilte lé gadharaibh: fíogaigh, madraidhe éisc.

gadharamhail: *a.* madramhail, dána, cuthaigh, droichmhianaigh. Duine gadharamhail ná bíonn náire air 'n-a ghníomh ná 'n-a fhriotal: míneáireach, droichmhianaigh, drochlabhartha. Cuma ghadharamhail air gan focal fáilte aige romhainn ach é 'n-a dhuirc: codranta, dúr, púcamhail. Mianach gadharamhail ann ní fheadraís cathain éireóchadh sé chughat: mianach ná beifeá deimhnightheach de.

gadharamhlacht: *b.3.* cuthach, droichmhianach, madramhlacht. Bíonn an oiread san gadharamhlachta ag baint leis nuair bhíonn braon caithte aige gur dheacair duit tu féin do sheachaint air: ar nós an drochmhadra ná beifeá deimhnightheach de ná béarfadh sé ort. Lé gadharamhlacht chuir sé suas de luach leathphingne do dhéanamh: droichmhianach a's ceanndáine.

gadrach: *b.2.* gaid righine, fás mórán gad; mionramh. "Taoide na gadraighe": taoide go ngabhadh mórán raice innte tráth long adhmaid (laistiar des na Blascaodaidhibh). Sliabh gadraighe: go mbíonn mórchuid tuigidhe sliotharnaighe etc. ag fás air. Is mithid don sean-ughaim bheith 'n-a gadraigh, is fada déanta í: na tuigidhe bheith chómh críon a's go mbeidís ag tuiteam as a chéile. Nuair bhuail sí lé fuinneamh ar an bhfochais deineadh gadrach di: ciotaidhe fogha: blúiridheacha, cipínidhe: mion-ramh. Damhas na gadraighe chughat: go gcrochtar lé gaoith thu. É sin! tá sé chómh righin lé gadraigh maidir lé bheith d'iarraidh oibre do bhaint as: ní mór gur féidir iachall do chur air faic do dhéanamh. Chómh righin lé gadraigh fén ualach: fuilngeach, seasamhach: i ndán é d'iomchar dá duaibhseamhla é. An lá chuirfir chun an fhir sin do chlaoidhe, beir leat go bhfuil gadrach ar do láimh: fear do dhiongmhála. Aon fhonn margáintidhe níl orm lé gadraigh mar thu, táir ró-cham, ró-chliste d'aonne.

gadscal: *f.1.* síor-ghearán nó aicíd, tinneas cómhnaidhtheach. Mara bhféachtar leis in am thráth tiocfaidh an chasachtach san chun gadscail duit, a's tá deireadh leat: aicíd shíor-mharthaineach. Tá na dathacha 'n-a ngadscal anois orm: ní fhágaid in ao'chor me. Gadscal dubhán atá ag cur air: galar cómhnaidhtheach.

gaedhealach: *a.* ag baint lé hÉirinn nó lé hÉireannach, saonta, réadh-chúiseach, coitcheann. Aiteann Gallda, Franncach, Gaedhealach: na trí cinéil aitinn. Earraidhe Gaedhealacha. Nách gaedhealach na ba iad: gan cuma iasachta ortha. Ógánach breágh gaedhealach gur mhian leat a choidreamh: bog, subháilceach.

gaedhealaing: *b.2.* teanga dhúthchais na hÉireann. "Budh bhreágh, líomhtha an cainnteóir í" – "camá ná beadh, bhí sean-Ghaedhealaing aice sin, a dhuine, lé hanaman na marbh": go leór canamhna a's carbhall ón sean-threibh. Níl Béarla ná Gaedhealaing aige: drochchainnteóir seadh é. Anois a chloisfeam an Ghaedhealaing: anois a bheidh an t-áiteamh 'san argóint ar siubhal. Barránach deagh-Ghaedhealaingeach go maith é sin: níl

aon easbhaidh cainnte ná deisbhéalaidheachta air: teallaireacht aige. Níl aon cheal Gaedhealainge ort ar mh'anam: tá cainnt siar síos agat.

gaedhealtacht: *b.3.* na ceanntair 'n-ar b'í an Ghaedhealaing gnáth-theanga na ndaoine.

gafan: *f.1.* luibh ró-nimhneach, bainne cích na n-éan.

gág: *f.3.* méiscre, scoilt, cnag. Seanchapall a's gág 'n-a rúmpa: gearradh doimhin. Gága ar mo lámhaibh ón sioc: méiscridhe: an cneas briste ortha. Chuaidh an t-ainmhidhe (mara) i leith a chinn ceangailte i ngág cuasa: scoilt mhór i bhfalla an chuasa. Fuar-ghaothach ar fuaid an tighe ag teacht trí ghágaibh na bhfallaidhe: scoilteacha, scáinnidhe.

gágach: *a.* scoilteach, oscailteach, mairceach, méiscreach. Cuireadh an dlighe air i dtaobh capall gágach do bheith aige: mairceach: an seithe bheith briste air ó dhroichíde. Fallaidhe gágacha go bhfuil an ghaoth 'san ghrian ag gabháil tríotha: scoilteach, scáinneach. Carraigeacha conntabharthacha, gágacha gur ró-dheacair siubhal ortha: méiscridhe doimhne ionta a's iad géar biorach. Mo chneas gágach ón sioc ní mór dom laimhne chun a gcosanta: méiscreach: an cneas briste a's gearba tinne ortha.

gáibéal: *f.1.* oscailt, méiscre, gág an-mhór. Gáibéal árd faille chómh géar lé falla do thighe: poll áidhbhéil lé doimhneacht. Ar bhórdaibh an locha tá sí éadtrom ach tá gáibéal dathad feadh istigh 'n-a lár: daibheagán. Cnuic fhíorárda a's gáibéil eatartha: beárnacha: méiscridhe doimhne. Ná bíodh iongadh ort cad d'íosfadh sé nách é sin gáibéal atá air: craos mór.

gáibhéireacht: *b.3.* feádhaireacht, geámaidheacht, gaigidheacht, meilt aimsire, súgradh. Má bhriseadar na fuinneóga féin maith dhóibh, cad bhí ann ach gáibhéireacht leanbh: rud do thárlaidh trí shúgradh. Níor chaill sé an ghábhéireacht riamh, gach aon rud a néann sé is go taidhbhseach é: blomas: gaigidheacht. Tá gach aonne cortha, bréan dá ghábhéireacht, beidh sé go foillseach pé áit 'n-a mbeidh sé: ionthabhartha fé ndeara: lán de theasbánadh a's de gheámaidhibh.

gaibiún: *f.1.* turóg bheag chloch nó fhód nó cros ar ladhair cladhthach chun ainmhidhthe do chosc ar dhul i bhfoghail.

gaibhlín: (**gabhailín**) *f.4.* gabhal beag: goilín, mannta nó beárna isteach sa talamh, úrlár beag portaigh. Gaibhlín móna: smut beag de phortach. Gaibhlín mara go mbeidh fothain againn: mannta beag isteach 'on talamh mar bheadh i bhfeirm chrudha.

gaibhneacht: *b.3.* obair ghabha: an cheárd. Is olc an ghaibhneacht atá ar an gcrudh san: is aindeis mar tá sí ceapuighthe. Ceárd mhaith shláinteamhail gaibhneacht.

gaibhnighim: *b.a.* deinim bráighe de: coimeádaim i ngabhann: teanntuighim. Táid d'iarraidh boghaisín do chur ar an namhaid, gaibhneóchaid ar an gcuma so iad dar leó: teannóchaid: tiocfaid 'n-a dtímcheall a's greamóchaid iad. Sa gharrdha gabhainn do ghaibhnightear ainmhidhthe foghla sa tsean-shaoghal: coimeád i bpóna.

gaibhnighthe: *a.r.* coimeádta fá iadhadh: teanntuighthe, gabhtha, stanncuighthe. Mo chnámha chómh gaibhnighthe ó bheith suidhte i rith an lae gur ar éigean is féidir liom me féin do shearradh ná do dhíriughadh um thráthnóna: stanncuighthe, casta ar a chéile: neamhlúthmhar. Tugaim an lá go léir gaibhnighthe annso ghá scríobh so: geimhlighthe: teanntuighthe: fá iadhadh.

gáibhtheach: *a.* áidhbhéil, uathbhásach, ró-chonntabharthach, géibhinneach, amhgarach, caointeach, truaighmhéileach, easbhaidhteach. Dá gáibhthighe bhí an Bheilg sa chogadh cheana is gáibhthighe 'ná san an turus so í, níl a leathoiread seasta dhá dhéanamh aice: is mó go mór an chonntabhairt 'n-a bhfuil sí. Lá gáibhtheach ar pháirc an chatha dob eadh an lá indé, meastar gur marbhuigheadh isteach 'samach lé fiche míle fear: lá uathbhásach áir. Bheadh sé ró-ghábhtheach dom-sa, duine ná fuil aige ach drochshnámh tabhairt fés na trí mhíle farraige sin: ró-chonntabharthach. Budh ghábhtheach an bheart don Almáin brughadh ó thuaidh go tuaisceart na Lóchlainne in aghaidh an tómhais go léir a bhí 'n-a coinnibh: guaiseach: baoghalach. Ar an dá thaobh sa Bheilg anois tá na hairm ag cur rómpa go gáibhtheach a chéile do chlaoidheachtaint: ar a mór-dhícheall. Chaitheas an t-aon phúnt a bhí agam agus is gáibhthighe anois 'ná riamh me: is easbaidhthighe: is deilbhe: is boichte agus is gábhataraighe. Fear gáibhtheach gan chéile seadh é, níl aonne aige a ghlanfadh, a nighfeadh ná a dhéanfadh biadh dho: amhgarach, clamparach. Ag casadh a scol go gáibhtheach is iomdha líon tighe tímcheall loga an chatha fé láthair: ag gol go truaighmhéileach. Níl luid den éadach orm ná greim bídh agam ní rabhas riamh chómh gáibhtheach lé congamh: 'n-a cheal: go dteastóchadh sé go géar uaim. Bheifeá chómh maith as i ndeireadh dála gan bheith chómh gáibhtheach chun oibre, marbhóchair thu féin ar an imtheacht atá fút: chómh dian, dícheallach. Leanbh gáibhtheach seadh thu, an sásóchadh aon rud thu?: leanbh gur deacair bruic leis: gearánach.

gaige: *f.4.* duine lánthóirtéiseach, duine greanta, uallachán, geámaidhe. Ó, a ghrádh gil, nách é an gaige 'n-a chulaith nuadh: nách fé atá an t-iomchar tóirtéiseach. Gaigidhe bóibéiseacha baile a tháinig isteach 'on tigh ósda a's shuaidh a raibh ann lé n-a gcuid gleóthála a's fuadair: uallacháin go raibh réim fútha ag gabháil lastuas den áit. Gaigidhe Choláisde na Trionóide go borb ag cur achrainn a's bruighne ar a mbuaileadh leó: buachaillidhe gur dhóigh leó ná raibh aonne mar iad a's gur bh'fhéidir leó a rogha rud do dhéanamh. Gaigidhe iad san: daoine a iomcharas iad féin nó a labhras i slighe gur mian leó a bhfeabhas bhreis ar chách do chur in iúil. "Duine séimh, so-labhartha é" – "á, deirim leat nách aon ghaige é": duine go mbeadh éirghe anáirde fé. Dhein gaige dhe ó thuit an t-airgead isteach air, ní labharfadh sé lé n-a chóimhleacaidhthibh in ao'chor, ar thóir staigínidhe bhíonn sé: duine go mbíonn lán mór fé.

gaigeamhail: *a.* tóirtéiseach, lánmhar, uallach, blomasach. Beir an-ghaigeamhail anois go bhfuil beart mhaith maireachtan fachta agat, ní dócha go labharfair le neach ded aitheantas: meas mór agat ort féin: beir taidhbhseach. Cad n-a thaobh ná beinn gaigeamhail asam féin a's an ghaisce atá déanta agam: éirghe anáirde do bheith fúm: tóirtéis ná raibh riamh roime seo fé. Is gaigeamhla go mór de scoláire é 'ná mar tá cur leis aige: ar bheagán tuigseana is mórchuid taidhbhse. Is beag duine a thabharfaidh do

shiubhal gaigeamhail fé ndeara: níor bhfearra dhuit ná bheith réadhchúiseach ar nós chách: siubhal tóirtéiseach, siubhal neamhnádúrdha.

gaigidheacht: *b.3.* tóirtéis, lán, uallachas, blomas. Do bhuail sé lé gaigidheacht é: lé lán: éirghe anáirde gur chuma leis ná gur chuma dho cad dhéanfadh sé aonne chómh tábhachtach leis, dar leis. Ó éirigh sé céim sa tsaoghal tá gaigidheacht dhá thaidhbhreamh do: ag cromadh ar chlódh a's imtheacht do thabhairt air féin níos taidhbhsighe 'ná mar budh ghnáth. Riamh níor chuala ag cainnt é ach ar an gcraolachán, a's meabhruighim go bhfuil gaigidheacht ag baint leis: nách beag aige é féin. Ní dhéanfadh an ghaigidheacht do é ní hag féachaint roimis do bhí sé, ach an raibh a lán ghá thabhairt fé ndeara. Riamh ní raibh duine uasal ag gaigidheacht: ag dúmas feádhann ná geámaidhe. Lé gaigidheacht a bhíonn sé ag leigeant air go bhfuil airgead aige: chun é féin do chur in iúil i slighe a's go dtógfí ceann de.

gaigín: *f.4.* gaige beag. Gaigínidhe a bhfuil ag dul ar scoil ann: buachaillidhe (clann daoine saidhbhre) a bhíos d'iarraidh cruthughadh ná fuil a gcómh le fáil.

gailbh: *b.2.* scrabhadh, garbh-aimsir. Gailbhidhe fuara adtuaidh ann. Ceathanna nó scrabhainneacha cruaidhe. An ghailbh atá ar an mbogha san ar an ngealaigh: stuac-aimsir.

gailbheán: *f.1.* stoirm, gairbhshíon: aimsir láidir, scrabhainneach. Do dhein an gailbheán báistighe leacán den arbhar anuas ar an dtalamh: stoirm bháistighe. An gailbheán ón bhfarraige a thagann orainn sa gheimhreadh cuireann cubharán bán lastuas des na tighthibh: aimsir fhiadhain, cheathach; gailbh-shíon.

gailbheánta: *a. n-dh.* fliuch-ghaothmhar, láidir-scrabhainneach. Ró-ghailbhéanta d'aon duine seasamh ag obair amuigh indiugh: iomad fuar-ghaoithe a's báistighe. Gailbheánta a dhóthain d'aon bhád béal-oscailte ar muir atá sé: garbh, fiadhain. Aimsir ghailbheánta ná féadfadh daoine corruighe amach a's aonnidh do dhéanamh: aimsir stracaithe, sceamhach, boirbeamhail: glas-aimsir.

gailbhthean: *f.1.* aimsir stroimeamhail. Leathscéal maith aca gan faic do dhéanamh an gailbhthean: an drochaimsir. Is furaiste gailbhthean do theacht tímcheall na mBlascaodaidhe táid chómh goirgeach san cheana féin: stoirm do mhúscailt 'n-a dtímcheall.

gailín: *f.4.* gal beag, seach tobac. Á, mhuise, gailín amháin den seanphíp táim imthighthe chuige: gal nó dhó, seach, tá gabhair thobac orm. Suidhimís a's bíodh ár ngailín ar ár suaimhneas againn: tobac do chaitheamh go gleóidhte, subháilceach. Bíonn a gailín aice i gcómhnaidhe: bíonn sí chun na pípe, chúiche is uaithe.

gaillimheánach: *f.1.* daoine ó Ghaillimh nó ó chonntae na Gailimhe.

gaillseach: *b.2.* feichid: búiste, dear(bh)daol: "a scéidh ar ár Slánuightheóir dréir ráidhteachais na ndaoine". Bíonn fuath ag gach n-aon do a's marbhuightear gan mhoill.

Seachain do chluas ar an ngaillsigh .i. creidtear gurb é a fhonn dul isteach i gcluais an duine a's tolladh istigh innte.

gaillshíon: *b.3.* anfadh, stoirm áidhbhéil. Gaillshíon a bhain éisteacht do chluas díot: anfadh go mbeadh gach aon bhéic nimhneach aige a bhodharfadh thu. Cos níor chuir na hOileánaigh i mbád lé mí toisc na gaillshíona: droch-aimsire teanntuighthighe. Is iomdha gaillshíon beartha ar an muir orm lé dathad bliadhain: anfadh: gála a's drochfharraigidhe.

gailteann: *b.2.* bean bhreágh, bean sheang, mhaiseamhail. Éire mo ghailteann: bean áluinn mo cheana. B'fhearr gailteann 'ná airgead: bean mhaiseamhail bhocht ná bean shaidhbhir neambreágh.

gaimbín: *f.4.* blúire, cáithne, scine (tobac): úis. Tabhair dom gaimbín (tobac) do chuirfinn fém fhiacail, táim scubhtha gan gol gan scine lé cogaint: blúire. Gaimbín beag íme ná cuirfeá go dtí bunóic do fuaireas lém chuid aráin: meall bhíoganach. Oiread a's gaimbín aráin níl sa tigh, caithfear dul ag triall ar phlúr: geannc bheag. Gheibheann sé na gaimbínidhe feóla d'fhanann i ndiaidh an bhrothaire: na blúiridheacha corra. Greim docht ar phriopán ar na feirmeóiridhibh ag lucht gaimbín an bhaile mhóir: an dream a thugas iasacht airgid dóibh ar breis throm. Gach cuas lán de ghaimbínidhibh raice tréis na gaillshíona: blúiridheacha beaga miona adhmaid.

gaineamh: (**gainimh, gainnimh**) *b.2.* mion-bhlúiridheacha nó gráinnidhe(acha) cloiche, sliogán ná dlúthuigheann lé chéile, lé fagháil ar an gcósta nó ar chladach abhann nó i ndíthreabh (fásach). Níl lia gráinne gainimhe ar thráigh 'ná é: an-iomadamhail. Do ghnóth chómh fuar lé bheith ag treabhadh ghainimhe: beart ná tagann chun críche. Gad um ghaineamh duit bheith d'iarraidh an iomair shiltigh sin do dheisiughadh mar tá an forra imthighthe: iarracht gan tairbhe. Ná gaibh ann léd chapall ar do bhás - tá gaineamh súighric ann a's síos do stáitse: gaineamh bheó: gaineamh go mbíonn uisce innte: gaineamh scaoilteach. Ar phléascadh na carraige don bpúdar níor fhan ar an láthair ach gaineamh: deineadh an chloch chómh mín, mion lé gráinnidheachaibh gainimhe. Talamh sruth-ghainimhe: go mbíonn mianach gainimhe ann.

gainmheach: *a.* go mianach gainimhe. Talamh gainmheach, te, tirim chun prátaidhe.

gainne: *b.4.* ocras, gannchúis, fánaidheacht, ganntanas, teirce(acht), fíorbheagán, suarachas, gannchar. Caithfeam dul ar an ngainne níl puinn sa chúil: baint siar níl mórchuid i dtaisce. Gainne an airgid do thagann lé furmhór na ndaoine: suarachas: fíorbheagán. Is gránda an rud an ghainne ameasc mórán: gan oiread do bheith ann a's go bhfaigheadh gach duine a choisce. D'éirigh an luach ar an iasc lé n-a ghainne: a luighead a bhí ann de. Ní har an síol do bhí an locht ach ar a ghainne do cuireadh é: a fhánaidheacht: scaipitheacht. Gheóbhair fuacht lé gainne do chlúdaigh: an fíor-bheagán éadaigh atá ort. B'éigean an scoil d'iadhamh lé gainne leanbh: a luighead aca a bhí ag teacht uirthe. Is minic minic do bhí flúirse sa tigh seo níl anois ann ach gainne: gannchúis: giorra bídh. Níl ógánaigh ag pósadh, gainne ban atá ag teacht leó: gan iad a bheith ann flúirseach go leór. Ní maith liom gainne do ghuidhe: nár ghuidhis lé breis. Deirtear go bhfuil gainne páipéir i Sasana, toisc ná fuil an t-adhmad oireamhnach ag

teacht ón Lochlainn: ceal dóthana. An lé gainne slighe atá an guairneán go léir ort: cumhainge. Bhí gainne an tsaoghail ag teacht chómh dian san orm go raibh orm m'fhagháltas do dhíol chun m'fhiacha do chúiteamh: géibheann: fáscadh. An bochtán diabhail ní bheadh aon bhaint agam leis, tá sé ithte gen ngainne: sprionnlaitheacht: cruadhas. Gainne na talmhan a's ní hé a olcas go ngearánaim air, cad tá agam ach deich n-acra: cumhainge. Gainne mo phóca: gan puinn do bheith ann. An diabhal baoghal ná go bhfuil neamhghainne ag baint leis, thabharfadh sé a léine dhuit féach dá mbeifeá 'n-a gábhtar: neamhghartaidheach: féile. Choimeád an fhlúirse aige féin, a's thug an ghainne domh-sa: an fíor-bheagán.

gainne: (**guinne**) *f.4.* sleamhanc beag, tanaidhe, sithcinn a chosnuigheas croiceann éisc: do bhaint gainnidhe. Iasc gan gainne maircréal. Bíonn gainnidhe mórchuid ar dheargán. Chuaidh clipe i súil mo mhéire a's me ag gainne: ghá mbaint anuas. Íde mhaith béil do bhainfeadh an gainne de súd, tá seithe maith righin air: a raghadh i luighe gaibhte air. Báisteach a dhéanamh dochair do súd! ní dhéanfadh ná sneachtadh a's an gainne atá air: an croiceann righin, do-ghabhtha atá air.

gáinne: *f.4.* saighead, gath. Dá mhéid aois atá aige tá sé chómh díreach le gáinne fós: seasuigheann sé gan pioc cromtha ann. Ceann d'iongtaisidhibh an domhain seo dob eadh é nár imthigh má gáinne air tréis é do thuiteam ar chródh a chinn ó scéimh an ghleanna síos 'n-a thóin: faic a bharra níor thárlaidh do. D'imthigh sé uaim ins na gáinnidhibh le heagla: chuir de. Gan aon amhras tá gáinne gen ndiabhal ann: a shaighead ann: é dá réir.

gainneach: *a.* go ngainnidhibh. Iasc gainneach, neamhghainneach. Trí croiceann gainneach air: an-fhuilngeach.

gainneacht: *b.3.* gannchúis, gannchar, suarachas, fánaidheacht, ceal, gorta. Ar theacht don ngainneacht a's gan faic lé n-itheadh aca b'éigean dom mhuinntir bailiughadh leó thar lear: a luighead san ná raibh beatha dhóibh ann. Toisc a ghainneacht do bhíodar féin fé bhiadh b'éigean dóibh me d'eiteach: a luighead a bhí aca chun dóthana a gcúraim féin. Gainneacht an bhídh budh bhun lé héirghe an luacha: a theirce: a luighead a bhí lé fagháil de. Gach earra ag dul i ngainneacht lé méadughadh a's fairsingiughadh an chogaidh: teirce: gan iad do bheith coitcheann nó flúirseach. Thaistealas na mílte mílte gan ach fíorbheagán do bhualadh liom le gainneacht na ndaoine san áit: ceal iomadamhlachta: fánaidheacht. Bídh cúramach i dtaobh na dighe a's ná doirtidh í mar tá gainneacht uirthe: níl puinn di fágtha a's tairngtear go caol uirthe. Ná bíodh aon ghainneacht ort faid a's tá flúirse agam-sa: ná bíodh ceal ort. Gainneacht airgid, bídh. Lé n-a ghainneacht ní thabharfadh sé faic duit a's lán luinge do bheith aige: sprionnlaitheacht: cruadhas croidhe.

gainnéad: *f.1.* éan mór farraige, bán, íodh bhuidhe tímcheall a mhuiníl, gob láidir, lachadóir líomhtha. Tá iasc ann, tá gainnéid ag bualadh go tiugh (sin é an cómhartha). Is é an gainnéad chun na farraige é: dian, seilgeach. Fear mór, cnámhach, do-chaithte. Tá eólas an ghainnéid aige, gheóbhadh sé amach aon áit go mbeadh fagháltas: cuarduightheóir thar barr.

gáinneáil: *b.3.* miondíol a's mioncheannach, creamhaireacht, mion-mhangaireacht. Chuir sí siopa gáinneála chúiche i gcúlshráid a's bhailigh sí cruach airgid: siopaidhe earraidhe beag. Bíonn sé ag gáinneáil ó bhaile go baile a's a mhála thiar air: mionrudaidhe soiomchair dhá dhíol aige ó thigh go tigh. Ná bíodh a thuilleadh gáinneála againn 'n-a thaobh ach má tá fonn ort é do cheannach gheóbhair ar phúnt é gan pingin fé n-a bhun: ag cur 'sag cúiteamh sprionnlaithe tímcheall an luacha. Ní dócha go raibh an oiread san airgid aice, gan amhras d'fhág pingnidhe gáinneála: beagán déanta as miondíolaidheacht.

gáinneálaidhe: (**gáineálaidhe**) *f.4.* díoltóir mion-earraidhe, ceannaidhe i mionrudaidhibh. Is iongantach ar fad an gáinneálaidhe é, níl aon rud beag a theastóchadh uait ná go bhfuil istigh aige: mion-mhangairidhe: duine a bhíos ag trácht i gcomráitidhibh beaga. Gáinneálaidhe maith é sin chun a thighe: duine críochnamhail a bhailigheas leis gannaidhe tighe chómh saor in Éirinn 'sis féidir leis.

gáinnéir: *f.3.* ceannuightheóir. Gáinnéir muc, beithidheach. Beidh breis luach ar stoc tá breis na ngáinnéiridhe ann, beid ag canntáil ar a chéile.

gainnightheach: *a.* go ngainnidhibh. Níl an ballach chómh so-ghainnightheach leis an ndeargán: níl sé chómh furaiste na gainnidhe do bhaint de.

gainnim: *b.a.* bainim, scriosaim gainnidhe. Gainn go maith na ballaigh nó ní thógfaid an salann a's tiocfaidh fútha: ná fág gainne amháin ortha.

gáipéar: *f.1.* daibhch, poll mór, beárna. Thuit an capall i ngáipéar cnuic ar míochomhthrom a's d'fhan ann: i ndaibheagán doimhin. Mar is cosamhail, deineann na pléascáin chogaidh seo gáipéir pé ball go dtuitid air, chómh mór san go bhfágaid na bóithre do-thaistil: puill áidhbhéile. Chuaidh ancaire na luinge ceangailte i ngáipéar ar tóin puill nár bh'fhéidir a fhuascailt: méiscre doimhin. Chuireadar gáipéar 'n-a cheann lé spara iarainn gur shil sé fuil a chroidhe: créacht mhór ghránda.

gáir: *b.2.* $_{7}$ *3.* béic, glór árd, liugh, scartha áthais, callán: tuairisc, guth. Ní lá fós é mara bhfuil gáir ag an bhfarraige anocht ag stialladh i gcoinnibh na bhfaillteach, ní chloisfeá duine ag poll do chluaise aice: béiceach: glór fiadhain, árd. Chómh luath a's chonnacamair báire curtha gár bhfuirinn leigeamair gáir mhaoidhte budh chómhchlos ar fuaid an pharóiste: béic árd áthais. Gáir ná gnús ní chuireann as dá mbeadh a thigh trí theine: duine do-chorruighe: bíonn 'n-a thost. Lé n-a dhroichbheartaibh tugadh gáir cheall a's chlog air: deineadh coinneal-bhádhadh air. Ná bíodh aon mhaoidheamh aige as a bheartaibh ní fada ó bhaile théigheann a ngáir: a nglór: a dtuairisc. I rith na hoidhche budh dhiamhair liom bheith ag éisteacht leis ag tógaint a ghéir chaointe os chionn chuirp a mhic: ag caoineadh go fada, fuidheach. Ar ghéir an choiligh choisrigh sé é féin, ag tabhairt a bhuidhe lé Dia go raibh gábhanna na hoidhche thart: ar ghlaodh etc. Dubharthas ar an gcraolachán go raibh na gártha beannacht dhá thabhairt sa Bheilg dos na saighdiúiridhibh a tháinig isteach 'on tír dá gcabhair: mór-bhéiceach áthais, suime a's misnigh. An tslighe is réidhe a's is síothchánta an cúrsa aimhréidh seo do shocrughadh, é d'fhágaint fé ghéir na ndaoine: guth: moladh. An lá bheidh Sasana ar lár beidh gáir in

Éirinn: mór-athas. B'aoibhinn liom gáir na gcon sa bhfiadhach i gcomar sléibhe: uallfartach na ngadhar. Sí gáir na dúthaighe breis luacha do thabhairt ar ár seift a's luacha do laghdughadh: guth na ndaoine ag éigheamh go hárd. Bíonn gáir i dtímcheall fhir díolta na n-earraidhe athchaithte gach lá aonaigh: gleó a's tranglam ag ceannach uaidh. Tá earraidhe istigh aige go bhfuil snas tagtha ortha, gan gáir aonne ortha: glaodhach. Ar chlos a ghártha ritheas fá n-a dhéin: an glaodh ar chabhair uaim.

gairbhe: *b.4.* scrothaidheacht, mórthoirt, fionnadhchas; neamhmíne; anshocracht, achrannacht. Lé gairbhe na farraige ní mhairfeadh aon bhád béaloscailte uirthe: buirbeacht: borrthacht a's bristeacht. Ní fada is gluaisteán í ge gairbhe na mbóithre annso, ciseacha, géaráin, etc. fé n-a brághaid: aimhréidhe: neamhmíne. Cuimil do mhéar den éadach a's braithfir a ghairbhe a's tá sé: gan míne ná sleamhaine 'n-a uachtar. Dá mbrisfeadh Dia a chroidhe ann ní fhéadfadh sé dul go drom an chapaill de léim ón dtalamh lé n-a ghairbhe: a aoirde a's a mhéid. Gairbhe an éisc a ghnóthuigh an luach mór do, bhí sé ar an iasc is mó dá bhfeaca lé tamall: méid, toirt. B'fhearr do chapall budh lugha, gan oiread gairbhe ann, b'é budh sho-chothuighthe a's b'áiseamhail ar bhaile achrannach: scrothaidheacht: toirt mhór chuirp. Chuir gairbhe a chómhráidh déistinn ar ar chualaidh é: neamh-mbanamhlacht: gáirseamhlacht: neamhmíne. Gairbhe a chnámh: méid mhór. Ní héascaidh scríobh ar pháipéar gairbhe: páipéar ná bíonn uachtar mín air.

gairbhéal: *f.1.* blodhtacha cloch. Chuaidh sé síos go gairbhéal lé n-a chéachda: fé bhun an fhóid a's na cré: ró-dhoimhin. Ná bíodh eagla ort ná go bhfuil bun maith fén bhfalla san, tá sé tógtha ar ghairbhéal cruaidh: grinneall: talamh slán. A chos ar a ghualainn gen gcapall ó thóg sé gairbhéal: ó cheangal clocha reatha an bhóthair sa bhonn aige i bhfascadh na cruadha. Talamh gairbhéil: talamh mion-chloch. Airgead ar nós an ghairbhéil dhá chaitheamh aige: go flúirseach, neamhshuimeamhail.

gairbhéalach: *a.* grin, clochach, garbh. Casán gairbhéalach: garbh: aimhréidh. Talamh gairbhéalach ní maith é: go mbíonn iomad mion-chloch ann. Bóthar gairbhéalach: go mbíonn an ghnáiste imthighthe dhe a's mórán géarán a's clocha reatha ar a fhuaid.

gairbhéalta: *a.r.* gairbhéal do bheith curtha air. Bóthar, casán gairbhéalta.

gairbhseach: *b.2.* aon rud go mbeadh gairbhe ann, ná beadh mín: eascartha (féar etc.). Gheibheann an stoc lán a mbuilg ar an ngairbhsigh sa páirceannaibh cnuic: féar, aiteann etc. garbh. Culaith de ghairbhsigh éadaigh ná caithfeadh gaige, mar thusa, dóthain duine réadh-chúisigh mar mise: go mbeadh bruth gharbh, neamhshleamhain, air. Is olc an mheilt do tugadh ar an eórnain sin, níl innte ach gairbhseach: cnapáin bheaga.

gairbhthean: *f.1.* áit gharbh, aimhréidh: screathain: talamh garbh, féar, aiteann craobh, etc. ag fás in áit: buirbe farraige: cruadhtan. Lá an-chiúin dob eadh é ach san ngairbhthean taoide bhí sé fliuch a dhóthain: thiocfadh sáile de dhruim gunalach mar a raibh buile ar an dtaoide. Is iomdha gairbhthean farraige do chuir sé dhe: buirbeacht: farraige atuighthe briste. Daoine ar a dtoil féin riamh ná rug aon ghairbhthean ortha, gach nidh aca a theastuigh uatha: cruadhtan. Tríd an ngairbhthean so ní gheóbhad choidhche, tá an iomad iomaird ann: buaidhreamh: duadh. Cuid mhór gairbhthin ag dul leis an

dtalamh mín ’sis maith an earra d’ainmhidhthibh sa gheimhreadh é: talamh garbh, gan briseadh, féar a’s aiteann a’s fraoch etc. Faid a’s bheidh an gairbhthean so ann ní mór is féidir do dhéanamh: aimsir láidir, stuacach. Ní furaiste bád do shaoradh sa chladach, iomad gairbhthin ann: aimhréidhe.

gáirdeach: *a.* áthasach, lúthgháireach. An lá do saoghaluigheadh mac dóibh, budh ghháirdeach an líon tighe iad, d’éirigh a gcroidhe: áthastamhail. Is neamhghháirdeach an cúrsa ag an mBeilg a’s ag Tír fé Thuinn é na laetheanta so, a gcuid fear dhá mharbhadh, cíp róp dhá dhéanamh dá gcuid, gairbhthean a’s ocras ag breith ortha: gan áthas ná scléip. Budh ghháirdeach do bhí an bailtín an lá chuadhas fé láimh easpuig, na sluaighte lé ceól a’s rinnce a’s caitheamh, gáiridhe a’s áthas ar gach aonne: meidhreach, girréiseach. Na fuiseóga go gáirdeach maidean earraigh i ngach gort, an t-aer tuilte lé n-a gcantain: meidhreach, ceól: a gcroidhe éirighthe, fonn a’s gealadhram á gcur in iúil.

gáirdeachas: *f.1.* áthas, lúthgháir: gealadhram: aoirde scléipe. Teanuighidh, néimís gáirdeachas, tá geall mór buaidhte agam-sa, bíodh saoghal againn air: foillsighimís an ócáid i slighe oireamhnaigh lé cóiriughadh bídh, dighe a’s caitheamh aimsire. A bhás ní chuireann aon ghháirdeachas orm, is oth liom go mór é: an mhotháilt do múscaltar trí sheilbh nó súil le nidh cóir. Cuireann an deaghscéala gáirdeachas orainn, an droichscéala brón. Tá gáirdeachas ar mhuinntir na Gearmáine go bhfuil a gcuid airm ag buadhachtaint: éirghe croidhe: is sóghach leó mar scéal é. Tagann gáirdeachas cléibhe orm bualadh leat, tá an oiread san ceana agam ort: áthas ó chroidhe amach.

gáirdeas: *f.1.* áthas, meidhréis, seógh. Ná tuigtear gur gáirdeas bheith ag rámhaidheacht, ach dubh-obair: caitheamh aimsire. Chuala an gáirdeas go léir i dtigh an tábhairne, an gleódh, gáiridhe a’s glisiam: seógh, éirghe anáirde.

gáirdín: *f.4.* garrdha beag, garrdha chun glasraidhe do chur ann. Dá mbeadh sé i nGáirdín Parthais ní bheadh sé sásta ann: pé cóiriughadh a bheadh air ní fhanfadh sé san ionad san.

gáirdiughadh: *f.* (*-ighthe*) do dhéanamh áthais, aoibhneas, áthas. Ag gáirdiughadh leis as an mbeart éachtach a bhí déanta aige, ghá mholadh a’s ghá mhóradh: ag déanamh áthais leis: ag cur a n-áthais in iúil ’n-a thaobh. Gheóbhair gáirdiughadh na ndaoine as an slighe d’éirigh leat dóibh: cuirfid a ndeaghaigne ’n-a thaobh in iúil duit.

gáire: *f.4.* glór aisteach, coraiceach, neamhthoileamhail do mhúsclann meidhréis obann: crapadh na cneaghtha i bhfoillse aoibhneasa – i gcrois gruaim. Mara mbeadh agat, ar mh’anam, ach aon ghháire amháin dhéanfá fén ngaigidheacht a bhí ar m’amadán é. Cúis ghháire (ó Dhia) chughainn, an dtugann sibh fé ndeara an tslighe aimlighthe atá sé ag cur chuige: nách ait é: nách mór an seódh é! An amhlaidh do mheasfá bheith ag déanamh gáire fúm: seódh do bheith agat orm. Nuair cualthas an chuma ’n-a raibh sé ag cainnt a’s an tine a bhí aige uirthe deineadh scartadh gáire thall ’sabhfus: deineadh glór magaidh fé. Deineadh siotar-ghháire fé nár chuir sé aon éifeacht ann: gáire garbh, míbhéasamhail. Nách duairc na fir iad ná déanfaidís gáire choidhche leat: ná teasbánfaidís a ngean ’n-a gceannaghthaibh. Bíonn a mhion-ghháire ar a bhéal fés gach aonne aige: bíonn sé ag

magadh a's ag déanamh seóidh fés gach aonne. Do mhaoidh a ghean gáire air: a leagadh nó a bháidh leis do mhúscail sé áthas 'n-a ghnúis.

gáirfeach: *b.2.* béicgheal nó athartach asail. Oidhche ghealaighe asail ag gáirfigh a's madraidhe ag uallfartaigh: béicgheal: ag screadaigh. "Téighidís ag gáirfigh anois", deirtear lé daoinibh go mbíonn an lá fachta rotha nó go gcuirtear breall ortha .i. téighidís ag feadghail: tá fuar aca pé rud do dhéanfaidís.

gáiriteach: *a.* luthgháireach, áthastamhail, meidhreach, scleóndarach, gleóirnéiseach. Ar mh'anam féin féin nách aon iongadh dhóibh bheith go gáiriteach san Almáin lé mí anuas a's a bhfuil de chlaoidheachtaint déanta aca: bheith lán de mheidhir a's d'éirghe anáirde. Is mise bhí go geal-gháiriteach gur thugas na cosa liom a's beartha ar an gcuid eile: go háthasamhail: lán de scleóndar croidhe. Ní bheadh a fhios agat cad é an meón atá aige, duine coimhtheach, neamhgháiriteach seadh é: do-chorruighthe i bhfoillse a aoibhneasa nó a mhalairt. Budh gháiritighe í an lá do phós sí 'ná aon lá ó shoin, is dubhach é a toisc anois: budh mhire a's b'éadtruime a croidhe 'sa haigne. Béas é sin aige bheith drann-gháiriteach fés gach aonne lé n-a fheabhas féin thar chách: stealla-mhagamhail: a theanga 'n-a leath-bhéal aige a's é ag mion-gháiridhe fé dhaoinibh.

gairid: (**gearraid, geairid**) *a.* athchomair, dlúth, beacht, gann, suarach. Is gairid uainn anois é, beam ann i leath-uair an chluig: buailte linn. Ní gairid ó chonnac ag déanamh aonnidh fearamhail: is fada an aimsir ó etc. Go gairid dom do chuala scread nimhe a thóg ó thalamh me: buailte liom. An dream a bheadh gairid i ngaol dá chéile bheadh súil agat lé muinnteardhas eatartha: dlúth: gan a ngaol do bheith sínte. Is mór mar tá an t-aos ag dul 'n-a luighe air lé gairid: lé seal beag. Is gairid ón oidhche anois sinn: tá sí 'n-ár n-aice. Pé fada gairid a chaith sé ann bhailigh sé cruacha airgid: seal mór nó seal beag. Pé fada gairid, beidh mo shásamh agam-sa asat: dá mbeitheá ag tabhairt na gcos leat ó ló go ló. Dá mbeadh ag teacht gairid orm tá a fhios agam cá raghainn chun mo bhroide d'fhuascailt: an saoghal ag teacht cruaidh orm, nó me do bheith i ndolaidhe. Chuaidh sé gairid go maith orm ach bhíos maith a dhóthain do: an-dhian i gcomórtas nó i dtaobh fiach etc. Ná beir ar scórnaigh air, ná téighir chómh gairid air: tabhair eaga chainnte dho: ná bí chómh dian air go neamh-cheart. Budh ghairid an mhoill ortha súd tu (teacht, imtheacht, labhairt etc. etc.): ní chaithfidís mórán aimsire ag machtnamh air ach é do dhéanamh. Is gairid air púnt do chaitheamh lé n-a cháirdibh: beag-nath do chuireann ann. Is gairid lé dul air an beagán teacht isteach atá gan cur ná baint chun muirir mór do chothughadh: ní mór ar fad is féidir do dhéanamh leis. Is gairid an lá ag imtheacht nuair bhíonn mórán ar láimh ag duine: imthigheann, meileann sé leis a's fágann roinnt gan críochnughadh. Budh ghairid liom an lá chun bheith ag smachtughadh teallairidhe mar thusa: budh ró-bheag liom an méid aimsire a bheadh agam. Is gairid ó bhí a lán aige (searbhas) .i. ní raibh puinn riamh aige. Budh ghairid dom ann a's me d'iarraidh me féin d'fholachadh nuair tángthas orm: seal beag. Is gairid lá it fhochair .i. is breágh an chuideachta thu. Budh ghairid in aice a chuid airgid é: chaith sé go luath, tapaidh é. Nár ghairid idir bhás a's bheatha dho, é sin indé go dtógfá léas ar a shaoghal, ar lár indiugh: nách obann do scar sé leis an saoghal. Is gairid Dia lé mná bochta blátha: ní bhíonn dul ar leamhnacht ná ar bhainne géar aca agus is ró-aoibhinn leó í mar rud ionaid. Tháinig an oiread san báinighe air chugham gur chaith sé an chrom-scian liom gur ghairid Dia liom

an doras do bheith agam: an tslighe ghearr idir me agus an doras budh mhór liom é is b'fhearr liom í do bheith nidh budh ghiorra. Dá mhéid na lochtaidhe do gheibheadh sé ort agus an mí-mheas go léir féach gur ghairid Dia leis teacht ag éileamh do chabhartha nuair bhí sé i ngairbhthean: lán-bhuidheach: triall ort budh bheag an mhairg leis agus an géibheann a bhí air. Cuir uaim do chuid sánsaireachta i dtaobh mío-mhaitheas na gcómharsan, is gairid Dia dúinn againn go minic iad: is maith an bhail orainn iad do bheith ann chun triall ortha lé linn na broide. Budh ghairid Dia do mise do bheith aige: budh mhór an bail air mise do bheith aige chun tacaidheachta do dhéanamh leis má budh ghábhadh dho. Gheall sé indé go mbeadh sé ann, indiugh deir ná fuil aon fhonn air, nách gairid idir dhá fhocal aige: ní fada leis a inntin d'atharrugadh: luath-inntineach dho. Is ró-ghairid idir ghráin a's ghrádh: an rud is lugha ar domhan d'iompóchadh sé grádh 'n-a fhuath. Ná bí chómh gairid duit féin ná bí d'iarraidh an t-iomlán do bheith agat féin a's daoine eile atá chómh buannachtamhail air do chur gan faic: chómh leithleachais. Budh phras an coisidhe é, is air budh ghairid air smut de bhóthar do chur de: níor mhór an duadh leis é. Seachain tú féin, is gairid ar a fhoidhne sin, dá bhfaghadh aon chúis: duine gan fulang. Budh ghairid ar a bhfoidhne, ní mór go raibh an biadh ar an mbórd nuair budh sheo chuige iad: bhíodar árdshanntach. Bhíodh an fiolar ag lonnughadh annso go dtí lé han-ghairid: ní fada ó thréig sé an áit. Nár bheiridh Dia gairid ar ár n-anam: nár scuabaidh Sé as an saoghal gan sinn bheith oireamhnach do. Ná beir gairid orm, tabhair eaga dhom go mionuigheadh an scéal 'n-a chruinne dhuit: ná tacht me: ná bí ag dul ró-dhian orm. Chuadhais gairid go maith dho: d'fhóbair duit rud éigin dochraideach do thárlachtaint duit, ceist do réidhteach, áit do shroichstint, etc. Táir ag féachaint ró-ghairid rómhat: is sia go mór an aimsir ná do chuid lóin: nílir ag soláthar do dhóthana.

gáiridhe: *f.4.* corruighe matán na ceannaghtha a's na mbeól i bhfoillse meidhréis. Ná bíodh na daoine ag gáiridhe fúinn pé rud do dhéanfam: bímis an-aireach, an-chúramach ná déanfaimís ár mbotún. Bíonn siad go tláith, dúmasach leat léd bhéal 'sag leamhgháiridhe laistiar díot: ag gáiridhe go fonmhóideamhail. Bheinn ag gáiridhe leat dá bhfeicinn aon tseódh bheith ag cleithmhagadh fén aindeise: theasbáinfinn m'aontadh i meidhréis nó sástacht. Cuireann do chuid cainnte fonn gáiridhe orm: claonadh lé foillse nó teasbánadh m'áthais nó sástacht aigne lé breallántaidheacht. "Duine ag gol a's duine ag gáiridhe": duine a's cúis áthais aige, duine eile a's cúis bróin. Ní fheadar connus d'fhanas ó ghháiridhe, bhíos i bhfonnsaidhibh: d'iarraidh me féin do chosc ar dheallramh shoilbhir do bheith orm nó deallramh magaidh. Beidh gáiridhe geala ortha anois ná fuil faic agam a's an maoidheamh go léir a bhí orm: beidh áthas a gcroidhe istigh ortha. Tháinig fáscadh gáiridhe orm fé gheámaidhibh an fhuirseóra ar an árdán: oiread san ná féadfainn stad. Rinne sé trithe gáiridhe lé gean nuair chonnaic sé chuige í: gáire mór fada áthais. Ar bhfeicsint na treascairte do baineadh asam tháinig gáiridhe dubha air: d'éirigh an fhuil ar an ndath san 'n-a cheannaghthaibh le reacht pléasctha. Biadh breágh na prátaidhe sin, féach mar táid ag gáiridhe lé plúireacht: an croiceann ag scaradh a's ag briseadh. Ars an bhean a chuaidh gan chlainn - "mara gcuirfid ag gáiridhe sinn, ní chuirfid ag gol sinn" .i. ós rud é ná fuilid againn ní bhfagham a nduadh. Fear seóidh chómh mór a's bhuail riamh leat chuirfeadh sé snaidhmeanna gáiridhe ort: chrapfadh matáin do chuirp ón meidhréis do chuirfeadh ort. An tseanmóin ghreannmhar do thug an sagart uaidh chuir sí crithireacht ghháiridhe orm: mo bhaill ar crith lé fonn pléasctha a's me ag brughadh orm féin. A thriubhas ag tuiteam de a's an sluagh ag scartghal ghháiridhe

fé: ag briseadh amach go hárd. Dhein sé smiota gáiridhe nuair chuala sé an rud nár thaithnigh leis: chuir foillse a bheól a's a cheannaghtha in iúil gur bheag air é. Bhainfeadh sé smiota gáiridhe asat an tslighe a shineas an leanbh a lámh chun pingne, féach dá luighead é féach go n-aithnigheann sé é: chuirfeadh sé ort foillse aoibhneasa do theacht id ghnúis. Stad, a bhreillice, tá dhá bholg ort ó bheith ag gáiridhe: tá do bholg féin ag léimrigh fiú amháin gan bac lé foillse do ghnúise. Ní haon ghháiridhe é seo: an rud so ní cúis ná adhbhar meidhréise é: cúrsa forasta é. Bhuail mo dhá thaobh ar a chéile lé gáiridhe: mo chreat ar fad ar dearg-chreathadh leis an gcorruighe suilt a's meidhréise. Níor gáiridhe go dtí so é: ní raibh aon tseódh ann go dtí anois. An duine an t-aon chréatúir gur bronnadh air cómhacht ghháiridhe; nách é an t-aon chréatúir é a thuilleas gáiridhe fé?

gairideacht: (**gearraideacht, geairideacht**) *b.3.* athchomaireacht, cruinnightheacht, comhgaracht, giorracht. Gairideacht a ghéire: cruinnightheacht: dá ghiorra cainnt seadh is gonta í. A ghairideacht beatha do fuair sé: beatha ná raibh mór ná fada. A ghairideacht a bhí sé ag teacht: chuirfeadh a thapamhlacht iongtas ort. A ghairideacht a bhí sé ag bailiughadh leis: bás d'fhagháil gan mórán moille. Gairideacht na luinge dos na fochaisidhibh do scannruigh na máirnéalaigh: comhgaracht. Níor mhór d'aonne an oidhche atá ann anois chun suain lé n-a gairideacht: an beagán faid atá innte. Cuireann sé an aimsir i ngairideacht lé n-a chuid scéalta: ciorrbhaidheann í: taidhbhsigheann sí gan bheith chómh fada.

gairim: *b.a.* glaodhaim, ainmnighim, commóraim. Cad é an saghas dighe do ghairimis?: gur ghlaodhais air: gur thugais órdughadh a fhreastal ort. Gairmeadh airís agus airís eile teicheadh ach níor chorruigh sé: glaodhadh air: béiceadh ós árd air. Cad ghairmfir den mbunóic?: cad é an ainm a bhaistfir uirthe? Gairmeadh "an t-iarann" de toisc é do bheith chómh cruaidh, fuinneamhail: tugadh san air. Do gairmeadh Seán de ó n-a athair: tugadh an ainm sin air toisc gurb í a bhí ar a athair roimis. Gairim thu gan me d'fhágaint im aonar san mbathalach uaigneach tighe seo: athchuinghim ort. Gairmfear chun na cúirte mar fhíné thu: seirbheálfar: glaodhfar go hughdarásach ort. Ghairim sé chuige a lucht feadhma go léir agus d'órduigh dóibh gan neach d'fhágaint an tighe: thug órdughadh dhóibh teacht 'n-a láthair. Níor gairmeadh an Dáil fós teacht i gceann a chéile: commóradh: níor cuireadh scéala amach ón gcléireach gurbh é dualgas teachtairidhe teacht.

gáirim: *b. n-a.* béicim, glaodhaim: deinim glór balbh dem aindeóin i bhfoillse meidhréise, áthais, dímheasa, go leanann cuma áirighthe gnúise é. Ghairfeá fé dá mb'é do gháire déidheannach é an driuch aisteach a bhí air nuair bhí a aghaidh go léir smeartha: mhaoidhfeadh do shult ar do ghnúis. Ghairfeá fén ndroch-chulaithirt a bhí ar an sean-chapall aige: phléascfadh ort lé greann. Nuair is mó bhíonn fearg air gáirim fé: foillsigheann deallramh mo ghnúis go bhfuil dí-mheas agam air. Mise a ghairfidh fós fé imtheachtaibh an lae indiugh: a bhainfidh sult as. Gáir air siúd gan teacht a thuilleadh: béic air stad mar a bhfuil sé. Gáirim le háthas, goilim le brón: foillsighim i ndeallramh mo ghnúise é.

gáiriteach: *a.* subhailceach, áthastamhail, súgach. Ar mh'anam-sa ná beifeá chómh gáiriteach dá gcaillteá in ionad buadhachtaint: chómh meidhreach. Daoine breághtha,

boga, geal-gháiriteacha gur furaiste teacht uatha: deaghchroidheacha, oscailte, suairce. Is gáiritighe indiugh thu 'ná indé ó tá breis fheabhasa ar do mhnaoi: is soilbhre thu ó tá cúis agat gan bheith duairc.

gáirleóg: *b.2.* plannda inithte go mbíonn boladh láidir uaidh agus blas géar-the air.

gairm: *b.3.* do ghlaodhach, d'athchuinghe, d'ainmniughadh: glaodhach, commóradh, clú, gradam, moladh, éirim: slighe bheatha. Cuireadh gairm orm bheith in Áth Cliath, beó nó marbh i gceann seachtmhaine: glaodhach ughdarásach. Ní fhoidhneóchainn aonne do bheith ghom ghairm gan adhbhar: ag tabhairt ainmneacha míchearta orm. An bhean bhocht ag gairm air gan í do thréigean, í féin 'sa gearrcaigh leanbh: ag athchuinghe air: ghá iarraidh air ar son Dé. Tá tíortha an chogaidh go léir ag gairm gach fear atá infheadhmtha: ag glaodhach ortha so atá i ndán coimheascair. Lé meas air thabharfadh na daoine gairm ríogh dho: teideal: d'árdóchaidís an aoirde sin é. An tslighe b'éigean do Shasana cúladh ón Lochlainn a's nár fhéad teasardhain do dhéanamh sa tSeic ná san bPolainn chaill sí a gairm ar fuaid an domhain: an meas a bhí uirthe i dtaobh bearta gaisce a bhí déanta aice. B'fhéidir go bhfuil airgead aige ach níl gairm aige: níl clú air as aon rud atá déanta aige ná gean na ndaoine aige. Léigheadh a ngairm pósta Dé Domhnaigh ón altóir: fógradh speisialta. Cuireadh gairm scoile amach ar fuaid na Danmharga gan "is maith" ná "is olc" do rádh lé saighdiúiridhibh na Gearmáine ar gabháil na tíre sin: forfhógra. Is ann do dáiltí gairm scoile na mbárd sa tsean-aimsir: tionól. Beag a bhíos ag gairm an fhir bhoicht ach mímheas ag cách air: ghá mholadh. Ní túisce fuair sé an ghairm ná d'fhreagair í: glaodhach obann géibhinn. Tá gairm scoile amuigh ón Riaghaltas ó mheádhon oidhche i gcrois an chruinnighthe a bhí le tionól indiugh: forfhógra go bhfuil sé neamhdhleaghthach.

gairmim: *b.a.* glaodhaim, ainmnighim, commóraim. Cad ghairmir den úirlis seo?: cad is ainm di agat? An ngairmir biadh ar an dtrufais seo?: an dtugair biadh ar rud chómh haindeis leis seo?

gairrfhiach: *f.1.* badhb, craosaire, alpaire. D'íosfadh an gairrfhiach san do thigh idir thóin a's cheann!: alpaire ná fágfadh blúire bídh gan slogadh. Gairrfhiach fir a dhéanfadh brus dá gcuirtí air: fear tréan cuthaigh.

gáirse: *b.4.* úrchóid, draostacht: ainmhiantacht, drúiseamhlacht, sailicheacht. An béal gáirse atá air, ní cuideachta d'aonne é: salach-scéaltach: salach-ráidhteach. Ag ól deoch gháirse: ag ól deoch a spriogfadh ainmhianta colna. Leanbh gáirse: toghartha: "leanbh seóidh": leanbh gréine.

gáirseach: *b.2.* striapach, straip, bean choitcheann. "B'fhearra dhuit inghean ghairsighe ná mac iarla": is mó chuimhneóchadh a lithéid d'inghin ar a máthair ná mac mar é ar a muinntir .i. is sia cuimhneamh inghine 'ná mic.

gáirseamhail: *a.* salach, draosta, ainmhianach, drúiseamhail, neamhghlan, ró-bhorb do bhanamhlacht nó do mhodhamhlacht na hinntine, déistinneach. An chainnt gháirseamhail a bhí ag teacht ó mhnáibh na cúl-shráide úd chuirfeadh an ghruaig 'n-a seasamh ar do

cheann: neamhmodhamhail: déistinneach. Cuireadh ráithe braighdinis uirthe i dtaobh a cuid cainnte gáirseamhla: cainnt bhorb, neambanamhail, shalach.

gáirseamhlacht: *b.3.* déistinneacht, sailicheacht, ainmhiantacht. An méid dá bheatha ó éirigh suas chaith lé gáirseamhlacht í: ag tabhairt srian dá ainmhiantaibh. Chuirfeadh gáirseamhlacht a chuid labhartha crithniughadh ar aonne go mbeadh meas aige air féin: sailicheacht: neamhchádhas: neamhghlaine béil.

gáirseóir: *f.3.* badhbóir, scollóir, báirseach. Ar chuid mhaith ní thairngeóchainn teanga an gháirseóra san orm, thairngeóchadh sí an tuile tharm: bean achrannach, bhorb-fhoclach a chasfadh gach nidh leat a's léd mhuinntir siar go dtín díle. Gach aon léim as a corp ag an ngáirseóir a's í ag fógairt a raibh ar an mbaile soir siar: bean chuthaigh gan srian lé buirbeacht a teangan. Gáirseóir mná aige atá ghá chlipeadh 'n-a bheathaidh, a port anáirde aice ar gach aon chao: íde bhéil a's achrann ar siubhal aice.

gais(e): *b.2.* sruthán, streall. Gaise Choinnlín (ainm áite). Bhainfeadh biorán gaisidhe fola as, tá sé chómh borrtha lasta san: maidhmeanna: sceinnteanna meara, obanna. Gaise seadh í ní bhfaghfá bradáin innte cheal a ndóthain uisce: srutháinín. Tá gaise id shoitheach, teannuigh é: ag leigeant uaidh, cur ócamas, barrach (bunach) a's pic sa síomthaidhibh chun é do dhéanamh díon-uisce. Tháinig gaisidhe deór léi: ghoil sí go fuidheach.

gaisceadh: *f.1.* gníomhartha gaile, ródhacht, calmacht, laochas, maoidheamh, arm. D'fhear ná beadh aon tuairm agat do lé n-a luighead a's a thruaillightheacht ba ghaisceadh ceart do an tarbh fiadhain do choimeád ar shróin: gníomh misneamhail ródha: gan meathtacht ná smuirt cnámh. Déanfaidh an fear an-tréan so gaisceadh ar an leabhar, fágaidh fé é: saothar mór: níl aon rud ann ná go míneóchaidh sé dhúinn chómh soiléir leis an lá. Dá mbeifeá ag éisteacht leis ag déanamh gaiscidh, budh dhóigh leat ná seasóchadh an domhan mór leis: ag maoidheamh go háibhéiseach as a ghníomharthaibh nár deineadh. Ar an ndeallramh atá ar a ghuailnibh a's líomhthacht a ghéag déarfainn go bhfuil gaisceadh ann: ródhacht: déanamh gníomh mór. As a ngaisceadh i saoradh fuirinn luinge ó bhádhadh fuaireadar bonn óir an duine: an bheart mhisneamhail, thréan-láidir do dheineadar. Is beag an gaisceadh d'aonne a bheatha do thuilleamh: ní nár maoidheamh go deimhin as mar ghníomh. Ní lé gaisceadh do thug sé fé bhreith ar an gcapall fiadhain ach le hamadántaidheacht, mar b'fhollus ná féadfadh: ródhacht, misneach a's muinghin. An bhfuil gaisceadh déanta agat tréis an lae: saothar ionmhaoidhte. "Dhéanfá gaisceadh ar do bhéal": dréir mar labhrair ní raghadh faic in ao'chor díot gan déanamh. Gaisceadh dob eadh dul go dtín Mol Thuaidh: móiréacht: gníomh nár mhór misneach, faidtheadhlacht a's buancas spiride. Ar fheicsint rud déanta dhúinn ag duine a's laochas air 'n-a thaobh ná taithnigheann linn deirtear, "ní mhaoidhim do ghaisceadh": an gníomh iomráidhte. Chuadar ar gaisceadh lé chéile d'fhéachaint ceaca dob fhearr: ag dréim: i gcomórtas nirt. Ambasa féin, mhuis, is lé n-a ngaisceadh a's ní lé hádh atá an Almáin ag dul chun cinn: lé n-a bhfeabhais airm a's troda. An chun gaiscidh a raghfá liom go bhfuil na geámaidhe troda so fút?: chun me do thástáil ar neart gnímh. "D'imthigh an gaisceadh", deirtear lé duine a mheathfadh a's a bheadh ag maoidheamh roim ré. As a ghaisceadh féin atá gach

aon rud atá aige aige: lé n-a mhórshaothar féin trí chruadhtan a's anacair. Sin gaisceadh agat: sin rud déanta thar barr.

gaisceamhail: *a.* maoidhteach, cródha, misneamhail, laochda, meanmnach, curtha, cródha. "Níl fear i gCúige Mumhan go dtabharfainn mo dhrom leis "- "is lán-ghaisceamhail an chainnt í": gníomhmhaoidhteach: bladhmannach. Saighdiúiridhe gaisceamhla ar gach taobh, is truagh iad ag dísceadh a chéile: gur féidir leó gníomhartha misneamhla, éachtacha do dhéanamh. Sid é an fear is gaisceamhla labhrann díobh go léir, cad ná déanfadh sé lé haonne do threasóchadh air: is maoidhtighe: is mó gaoithe móire. Seadh, ní fhéadfadh aonne a rádh idir namhaid ná charaid ná gur ghaisceamhail uatha aghaidh do thabhairt ar arm Shasana a's a laige seachtmhain na Cásca: gan súil lé beatha ná buaidh: lánmhisneamhail. Sliocht gaisceamhail dob eadh iad, níor bh'annamh iad dá n-áitriughadh féin ar gach saghas foillse nirt a's cródhachta: buacach: a fhág gníomhartha gail 'n-a ndiaidh budh mhaise dá gclú. Budh ghaisceamhla ar an bhfarraige na hOileánaigh, mar is uirthe budh mhó a dtaithighe ná ar thalamh tirim: b'fhearr chun gnímh.

gaisceamhlacht: *b.3.* maoidhteacht, cródhacht, calmacht, scaothaireacht. Nuair bhíonn braon caithte aige níl aon fhear gaisceamhlachta annso ach é: ag maoidheamh cad a dhéanfadh a's ná déanfadh. Capall maith, righin tarraic seadh é gan amhras, ach ní déarfainn go bhfuil an ghaisceamhlacht san ar fad ann: an déanamh gnímh maith, iongtaigh. Ceal gaisceamhlachta is air ná fuil air dá mbeadh an neart ann chun curtha leis: ceal foinn a's misnigh a's claoidheachtainte lé rud do dhéanamh. An ghaisceamhlacht aigne ná leigfeadh í féin in ísle bhrigh: an buancas in aghaidh eangaidhe a's cruadhtan.

gaiscidheach: *f.1.* curadh, duine an-tréan, laoch, oscar. Gaiscidheach fir a bhuailfeadh a cheann duit ar na frathachaibh a's idir éigean do gheóbhadh isteach an doras lé leathad a ghualann!: fear mór, groidhe, léidmheach. Nách beag an náire ort, a strapaire, bheith ag déanamh gaiscidhigh díot féin ameasc na leanbh so: ghá chur in iúil dóibh lé friotal a's lé gníomh go bhfuilir ró-láidir dóibh. Duine de ghaiscidheachaibh airm an domhain dob eadh Eoghan Ruadh Ó Néill – is minic do chruthuigh sé a chródhacht a's a eólas: duine go gcaithtear d'admháil an barra buaidh do bheith ar mhisneach, chlamacht agus eólas ar ionnramh airm. Táid gaiscidhigh an domhain lé chéile anois: na tíortha is láidre a's is cómhachtaighe. Ró-fhada bhí réim an ghaiscidhigh fé Shasana, acht tá smut den meas dá bhaint di anois: cómhacht an lámh-uachtair. Caith siar é sin, déanfaidh sé gaiscidheach díot: bíodhgfaidh sé thu: is fearrde thu é. B'é Seán Ó Díomsaigh gaiscidheach na dórnála seal: an té d'admhuigh an saoghal mór dob fhearr. Nách tú an gaiscidheach agam a's seanóir do bhualadh: níl aon bhaoghal ná gur cheart duit meas fir mhaith do bheith agat ort féin 'n-a taobh. "A dhera mhuise, féach an gaiscidheach!" deirtear lé duine do bheadh ag tabhairt fé rud doi-dhéanta air, nó a bheadh ag maoidheamh beart ná bíonn gnóthuighthe. Is ionann ag an mbás an gaiscidheach 'san truaghán: an duine tréan maidir leis an nduine lag. Gaiscidheach capaill nár chúl riamh pé ualach do cuirfí air: sárchapall lé neart a's acfuinn. Cé hiad gaiscidhigh an lae indiu?: an dream a bhuaidh.

gaiscidheacht: *b.3.* laochmhaire, cródhacht, calmacht, mórghníomh, fearta beart. An ghaiscidheacht atá dhá thaidhbhreamh duit bheith ag spochaireacht bruighne orm?: foillse

nirt? Bhíodh an baile scannruighthe aige lé n-a chuid gaiscidheachta. Gaiscidheacht iongtach d'fhear bheag mar é an fear mór do theascairt: cródhacht: neart a's fuinneamh misnigh. Dar leis siúd, tá an oiread san amhrais aige as féin, go ndéanfadh sé brus lé n-a ghaiscidheacht: éachta móra lé n-a fheabhas seachas chách. Rámhadh sé níos fearr 'ná aonne, d'iomcharadh ualach ná féadfadh aonne eile, rithfeadh lé girrfhiadh, bhí gaiscidheacht ag gabháil lastuas de: gníomhartha neamhchoitcheanna ag aonne amháin. Ní dhéanfadh do chuid gaiscidheachta an gnóth dhuit liom-sa, mise an fear duit aon lá is mian leat: blomas: iomráidhteas ar na gníomharthaibh atá ionat ná fuil ionat.

gaiseá: *f.4.* saothar, séidfaghal. Gaiseá an bháis air, an bleaigeárd toghtha!: tachtadh an bháis. Cuireann an cnoc gaiseá orm, tá na seanchnámha ró-stanncta gen aois 'san croidhe ag tréigean: saothar a's giorra anáile.

gaiseach: *a.* sruthach, eitreach. Tráigh ghaiseach chonntabharthach: go mbíonn bainnc ghainimhe innte a's caolta uisce eatartha. Oileáin go bhfuil bealaigh a's beilichínidhe gaiseacha eatartha ag gluaiseacht lé fuinneamh: an taoide ag gluaiseacht go mear, láidir tríotha. Cuireadh gearra gaiseach 'n-a cheann lé stacán géar cloiche: go raibh an fhuil ag teacht 'n-a caisidhibh as.

gaiseadh: *f.* (*-ste*) rith, luath-rith, lingeadh. Ceal uisce ní bheidh oraibh ar an gcnoc úd, tá sé ag gaiseadh 'n-a thoibhreachaibh fionnfhuara ann: ag pléascadh amach as an dtalamh. Fuil ag gaiseadh 'n-a fóidreachaibh: srutháin fola mar bheadh ag teacht lé fuinneamh as sconna. An taoide bhuile ag gaiseadh i dtímcheall an bháidín gur shloig sí í: ag léimrigh a's ag fiuchaidh lé neart a's fuinneamh.

gaisighim: *b. n-a.* rithim go mear (lacht), sreabhaim, sconnuighim. Nuair taighdeadh tamall maith síos ghaisigh an t-uisce go hobann gur fhóbair an dream a bhí ag obair air do bhádhadh leis: ling sé: sconnuigh sé: ghluais sé go teann fuinneamhail. Toisc na háite bheith chómh cumhang caol seadh ghaisigheann an taoide chómh tréan ann: do ghluaiseann le fuinneamh nimhe. Nuair polladh an soitheach ghaisigh an leann dubh lé n-a neart a's d'imthigh fén úrlár: ghluais 'n-a chaisidhibh dochoiscthe.

gaiste: *f.4.* inneall, súil ruibe, dol. Níl aon ghaiste gen sean-bhuachaill (diabhal) a bhéarfadh air sin lé gliocas a's cladhaireacht: rud do chuirfí chun beartha ar ainmhidhe. Gaiste franncach, luch, madar uisce, etc.: gléas beartha. Sé an gaiste a bhíodh againn chun beartha ar iasc san tsruth, lúb ruaimnighe bó ar bharr slaite: gléas gabhtha: sás beartha: lúb de shreang miotail.

gaistidhe: *f.4.* fear beartha ar ainmhidhthibh fiadhaine lé gléasaibh áirighthe, mealltóir. Tá an t-oileán gan gaistidhidhibh anois ó cailleadh an sean-dream, níl aonne suas gurb eól do súil ruibe do chur roim choinín. Bhuail gaistidhe éigin ar an rás leis go raibh saghas cleasa aige, luigh sé leis go raibh ag buadhachtaint ar dtúis a's i ndeireadh dála ná raibh feóirling ruadh fágtha aige: calaoiseach cluiche. Gaistidhthe an tsaoghail seo, seachain: lucht feallta.

gaistighthe: *a.r.* beartha go daingean (ar), fáiscighthe i lúib: dlúthghreamuighthe. Ná bíodh eagla ort go n-éalóchaidh an breac so, pé beag, mór é, brathaim gaistighthe ó thalamh ar mo dhubhán é: ceangailte. Táir gaistighthe aice, féach casta díreach ar a méir, choidhche ní scarfaidh leat: greamuighthe go dlúth lé n-a cuid gliocais.

gáitéar: *f.1.* béal camraighe, sinéal chun uisce do tharrac fé bhóthar. Thacht béal an ghláitéir a's ní bhéarfadh an t-uisce leis. Seachain tú féin sa doircheacht annsan tá an áit lán de ghláitéaraibh gen dtuile: puill ghránda, mhóra.

gaitséadaidhe: *f.4.* fánaidhe díomhaoin. Ar mh'anam nách n-a ghaitséadaidhe bhíonn súd ag imtheacht ó n-a chúram nuair bhíonn sé lé déanamh aige ach fanacht 'n-a bhun go haireach: leadaidhe siubhaltach. Rath ní raibh riamh ar ghaitséadaidhe, ná ní bheidh go deo: an té ná claoidheann lé hobair beidh sé gan rud aige.

gaitséadaidheacht: *b.3.* teicheadh ó obair as díomhaointeas. Beidh barra do chuid gaitséadaidheachta agatsa má bhír ag meilt t'aimsire ar an gcuma so ar fuaid an cheanntair: ag imtheacht ar camachuaird gan cuimhneamh ar shaothar. Tair annso agus luigh leis an ngnóth do fuairis a's cuir uaim an ghaitséadaidheacht: an t-imtheacht thall 'sabhfus ag seachaint oibre.

gal: *f.1.* scaipeadh soiléir taisireachta ag ionshnámh san aer, mar ceó, uisce lé teas, meirge talmhan, etc.; seach as phíp; an chéad chuid den ndeatach; puth ghaoithe; preab nó éirghe obann; boladh láidir, goilleamhnach, géar; ceó, smúit, deatach; speal obann the, chruaidh. Raghadh gal maith gréine go maith anois don dtalamh chun é d'fháscadh a's do thriomughadh: scartadh: greas te. Allus ag gaisiughadh ionam tréis gail cruaidh rinnce do dhéanamh: babhta nár fhágas aon fhuacht orm féin maidir lé cos do chorruighe. Dubhairt an dochtúir go raibh beirbhthean trom breóidhteachta air ach go n-imtheóchadh an gal san: ionsaidhe borb obann. Imtheóchaidh an gal so fós, ní bhíonn tréan buan: an fuadar obann fíochmhar. Tá gal éigin tagaithe chun oibre oraibh indiugh, is mór neamhghnáthach an fuirseadh atá fúibh: fogha sanntach. Seadh d'imthigh an gal san, níor shaoileas choidhche go dtéarnóchaimís an coimheascar san: an tuargaint challóideach lán-thapaidh. Cuir díot an gal a's téighir chun suaimhnis: an mórshaothar gur dhóigh lé duine gur b'é an saoghal mór a bheadh ag rith leat. Tamall do bhí gal maith ar an aonach, cheannuigh na gáinneiridhe cuid mhór i ngiorracht aimsire: corruighe mear ceannaidheachta. Is fada go raibh aon ghal ar iasc annso, luach beag do shíor nách fiú bheith ghá iascach: aon tóir air go mbeadh luach árd a's díolaidheacht phras air. Ní fheicfeá pioc díom ag gal (alluis): ceódh alluis. Abradh gach aonne a rogha rud is fearrde an gabhal an gal: an teas (ná bíonn ró-mhór) a éirigheas aiste. Tabhair gal don dteine dhuit féin: téidheamhuigh tu féin. Sara gcuirir ort an léine laistigh sin is fearrde í gal do thabhairt di: í do chur le teas go n-imthighidh an taisireacht. Gal bréan ag éirghe aníos as an mbuille go raibh boladh lobhtha uaidh: steámar, smúiteán éadtrom. Budh the an ghal é sin idir an dá dhóirneálaidhe: greas do cuireadh go fíochmhar, mear. Ded chuid cainnte-se ní dheinim-se ach gal suip, choidhche ag maoidheamh a's gan faic dá leanamhaint: ní bhfaghaim aon éifeacht léi: imthigheann sí gan saothar. Nuair imtheóchaidh an gal san de sin beidh sé 'n-a fhear shochma: an spreang obann. Beidh gal maith gaoithe againn 'n-a chóir ní fada bheam ag dul i dtalamh: leoithne. Gal suip aige sin bheith ag foghluim

frainncise, caithfidh uaidh í sara fada: aidhm ait ar feadh tamaill ghearra. Gal pípe ní thabharfainn an lá tá sé ró-mhaith dhuit: ní fiú faic thu. Gal den bpíp, féach, 'sis suarach an rud é, ní thabharfadh duit: an-sprionnlaithe. Ithtear na prátaidhe sara mbeidh an gal imthighthe asta: an teas. Long, inneall gaile etc.: a cuirtear ar siubhal lé gal. Ní maith liom mar chómhartha an gal san laistiar, tá sé ag múchadh bun na spéarach: smúiteán. Ní bhíonn gal i ngleann gan teine: ní thuiteann aonnidh amach ná go dtugann comharthaidhthe uaidh. Imtheóchaidh an scéal 'n-a ghal ach foidhne bheith agat: leighfidh an buaidhreamh so a's imtheóchaidh a chuimhne. Mharbhóchainn ar ghal tobac thu tá an oiread san gráine agam ort: ar neamhnidh. Gal ar an abhainn ar maidin: meirge ceóidh. Bíodh gal againn: caithimís tobac. Bím ag baint ghail as: bím chuige a's uaidh: ólaim ádhbhar tobac.

gála: *f.4.* gaoth mhór, cíos a díoltar ar aitreamhaibh áirighthe. Tháinig sé 'n-a ghála dhearg aniar dtuaidh orainn nár fágadh crann, maide, ná slat againn: gaoth uathbhásach, theann lé neart. Táim trí gálaidhe cíosa in iarraga: tá trí hiarrachtaidhe (sraitheanna) tuitighthe orm.

galán: *f.1.* lasrach, puth ghaoithe, deataigh nó gail. Chuireadar síos galán teine a's théidheadar a's thriomuigheadar iad féin léi: reidhleán: léasparnach. Nuair bheadh do cheann fút a's tu ag ól thoitínidhe raghadh an galán suas féd choinnin: an smúiteán deataigh. Beir leat, a bhuachaill, dá bhreághthacht de lá é go raibh galán deas i mullach an chnuic: séideadh beag, teann.

galánta: *a. n-dh.* meastamhail, uasal, deaghmheónach, fial, deaghbhéasach. Dheinis beart ghalánta air, dar fiadh, gan aon airgead do thógaint as an mbiadh air: maiseamhail: cuibhe: beart a bheireas meas duit. Bíonn sé mós galánta nuair théigheann sé 'on bhaile mhór: bíonn breis éirghe anáirde fé. Budh ghalánta dhuit go mór do chuid fiach do dhíol 'ná do bheith ag cur do chuid airgid isteach i mbannc: budh mheastamhla: budh chuibhe dhuit. Iad so go mbíonn an t-airgead aca bíonn éadach galánta ortha: breágh, taithneamhach: oireamhnach. Tá sé galánta: tá speach ann: dhéanfadh sé gníomh maith, carthanamhail ar an uain chirt. Chuireadh an áit faitchíos air, budh ghalánta leis na daoine a bhí ann: mór ionta féin: ró-uasal do, dar leis. Labhair amach go galánta a's ná bíodh aon siar ná aniar ort: go macánta nó go soiléir. Is tú an fear ná fuil galánta: cladhaire thu: sprionnlóir. Tugann an chasóg san cuma ghalánta ort seachas an chuma sprionnlaithe a bhí ort: cuma níos taithneamhaighe a's níos uaisle.

galántacht: *b.3.* meastamhlacht, béasamhlacht, modhamhlacht, eilgean, cneastacht, deaghmhaitheas. Uaireannta a dhéanfadh sé galántacht ort a's uaireannta ná déanfadh: a dhéanfadh beart mhaise budh chuibhe dhuit. Galántacht Shiobháin Seac: d'iarraidh bheith uasal innte féin a's gan aon eólas aice air. Galántacht ag baint leis gach aonne den dtreibh úd nár dheineadar beart shuarach ar neach riamh: meastamhlacht: meas aca ortha féin ar gach cuma. Níl galántacht ar an dtaobh amuigh dhe: dhéanfadh sé cumaoin nó maitheas do dhuine gan nath do chur ann ná súil aige lé n-a chúiteamh. Galántacht a bróg: déanamh a's cuma bhreágh. Lé n-a ghalántacht mar fhíné chreid an breitheamh an uile fhocal dár dhearbhuigh sé: a fheabhas comhthruim do thug sé uaidh gan chor, gan chlaon. Gheóbhfá galántacht uaidh pé toisc a bhéarfadh chuige thu: dírigheacht is cineáltas.

galar: *f.1.* aicíd, tinneas, breóidhteacht, ceasnaidhe, goilleamhaint, iomard. “An bhfuil a fhios agat anois cad é an buaidhreamh is mó ar na daoinibh galánta san, nách fios cad is ceart dóibh do dhéanamh lé n-a gcuid airgid” – “mo thruagh gan a ngalar orm”: an rud atá ag goilleamhaint ortha. Ní hé galar aon líon tighe amháin iad do bheith in imreas anois a’s airís: rud fóirleathanadamhail seadh é. B’fhearr liom go mbeadh mo ghalar ort, ní bheadh oiread cainnte agat: an gearán atá orm do bheith ort-sa. An fharraige ag bualadh bun an phuirt a’s an fhaill róghéar chun strapadóireachta, cad dhéanfainn? bhíos i ngalar na gcás má bhí fear riamh: i bponc: i ndraip: in adhairc ghabhair. “I dtúis an ghalair seadh is fusa é leigheas”: an rud ná friotháltar in am téidheann dinn nuair neartuigheann sé. Cuirfidh na seanbhalcaisidhe stolta san galar ionat: tiocfaidh breóidhteacht chughat thríd a raghaidh i gceangal ionat agus chun faid slighe. Grádh a’s eagla dhá ghalar is deacair do leigheas: dhá iomard chómhnaidhtheacha. Galar dubhach air mar chogadh is aige atá an scrios ghá dhéanamh (eascaine): milleadh air ná tiocfaidh sé uaidh. Rudaidhe galair dob eadh na caoire, fuairtheas oiread orthu a’s nár bhfiú iad: ainmhidhthe suaracha mar bheadh breóidhteacht ortha. A rud galair, seachain as san uaim, ní bheinn ag féachaint ort ag déanamh aonnidh: a rud thruaillighthe neamhanamamhail. Deirim leat go bhfuair sí bás leis an ngalar dóghach: lionn dubh, doilgheas, ísle bhrighe inntine. Mo ghalar gan leigheas gan mise in aice leis, is me a mhúinfeadh a phaidreacha dho san a’s go staonfadh de bheith ag ciapadh daoine fé n-a bhun: mo thruagh dhealbh é. Bíonn sé i ngalar a bháis lé heagla ar an bhfarraige pé ciall é: scannruighthe scon scan. Tá an ruidín cruinn, cnuaisciúnach san i ngalar a báis d’iarraidh airgid do chruachadh: oiread duaidh uirthe chuige a’s bheadh dá mbeadh ar thuilleamh báis. Caillteart mórán caorach leis an ngalar cam: iomard go leanann méabhán a’s grogaidhe é. Cuirfidh an leaba an galar cam id mhuineál táir chómh ceanamhail sin uirthe: ó bheith sínte id shliasta innte tiocfaidh cor cómhnaidhtheach ann. Bíonn galar éigin i gcómhnaidhe air, “buinneach nó buinn-leac éigin”: gearán gach aon lá dá shaoghal. Cad é an cama-ghalar atá ort ná siubhalfá díreach?: cad é an gearán nó an ghoilleamhaint atá ag cur as duit? Bíonn cos thinn aige, slaghdán, tinneas fiacaile, cad dob áil liom dá n-áireamh bíonn seacht ngalaraidhe an tsléibhe air: gearánta Éireann sa bhuinice in aonfheacht air. Eaga beannuighthe ní thugann do féin, seacht ngalaraidhe an tsléibhe air gach lá dá shaoghal: curaimidhe ag baint na súl as. D’íosfadh sé an diabhal ’sa mháthair, mar tá an galar craosach air: goile míochuibheasach. Galaraidhe na bliadhna thart a’s conách do thabharthaisidhe ort: tinneas ná diachair nár bhuailidh thu a’s breis ar gach aisce. Cad é an mío-ádh galair atá ort ná ceapfá do shuaimhneas: cad é an t-iomard: goilleamhaint: rud éigin a bhíos ghod spriogadh chun buaidhrimh do dhéanamh. Gnáth-ghalar, ceal airgid: iomard atá ar chuid mhór. Sin feóil agus ar an ndath atá uirthe tá galar innte: tá sí neamhfholláin. Chuaidh an galar isteach im chroidhe le fuacht a’s lé hocras: neamhfholláine. Budh mhór an truagh é bheith de ghalar air bheith ag ól, agus galánta meastamhail an fear é ar gach slighe eile: d’iomard: béas: locht. Sé do ghalar de ló a’s d’oidhche bheith ag tormas a’s ag gearán: béas gránda gan staonadh uaidh. Dá mbeadh a ngalar súd ort-sa bheadh na leaga liatha sa bhannc agat: an fonn cnuaisciúin. Galar an grádh ná leighiseann luibheanna: goilleamhaint. Dhá dtrian galair an oidhche: is ins an oidhche is mó go mór do ghoilleann an t-iomard ar othar. Bailiughadh galair duit do bheith ag obair i dtalamh uisce fé dhrochbhrógaibh: ag tarrac aicíde neamhfholláine ort féin. “Galar rúin ort”, deirtear lé duine a bhíos ró-fhiosrach. Galar iongaidh ort maran tú atá go siubhaltach ar lorg scéalta:

go mbír ar cipínidhibh d'iarraidh gnóth gach aonne do bheith ar eólas agat agus ní beag duit sin de chúram.

gall: *f.1.* duine thar lear, eachtrannach. Baile na nGall.

gall(a): *a.* Gall-Bhéarla: teanga thar lear. Is mó ghreaindighe gheibheann na meathtaigh seo bheith ag útamáil lé gall-Bhéarla ná bheith ag spreagadh Ghaedhealainge: teanga na Sasanach. Braon gall-fhola níl i bhféith linn: fuil nách fuil Éireannach. Galla-phuic an bhaile mhóir seo thíos is beag orm iad féin 'sa gcuid galántachta bréige: daoine go bhfuil fuil Shasanach ionta. Choidhche ní chlaoidhfeadh sí lé galla-bhéasaibh: béasa Sasanach.

gallán: *f.1.* cloch fhada, thaithigeach 'n-a seasamh sa talamh i gcómhartha uagha nó a lithéid, go minic, an ogham chraobh scríobhtha uirthe. "Gallán an tSagairt", ar mhullach an Dúna Mhóir: sagart budh bhun lé n-a cur 'n-a seasamh nuair fuairtheas sa mhóin í. "Gort an Ghalláin". Corruigh tú féin, dein rud éigin a's ná bí id ghallán annsan: id sheasamh gan cor asat ar nós cloiche. D'iompuigh bean Lot tháirse a's dhein gallán salainn di: cuaille cruaidh.

gallda: *a.* eachtrannach, iasachta, deóranta, coimhtheach. Gach aon rud a bhaineas leis gallda, a chuid éadaigh, a bhróga, an uile rud atá aige: iad go léir ar n-a ndéanamh thar lear. Níor bhásuigh an mianach gallda sa treibh sin fós dá fhaid in Éirinn iad, tá an gomh croidhearg ortha go bhfuil an lá dá fhagháil ar Shasana: mianach iasachta: thar bóchna: anall. Blas gallda ar a úrlabhra, an diabhal an dtuigfinn puinn uaidh: blas an tSasanaigh: an duine iasachta. Pé diabhal galair atá ortha is fearr leó an earra ghallda dá olcas 'ná an earra Ghaedhealach dá fheabhas: an earra a thagas anall thar muir. Deineann aiteann gallda claidhe maith fothaineamhail: aiteann go mbíonn cos mhaith fhada reamhar fé a's mórán tor ag géagughadh aiste, bláth bhuidhe air. Meón an-ghallda seadh a rádh gur b'é a fhocal a bhanna .i. is gnáthach le Sasanach bheith ag maoidheamh go folamh ar an gcuma so as féin.

galldachas: *f.1.* slighthe a's meón an ghaill: neamhdhúthchas. Ar an mbailtín sin, budh chuimhin liom iad do bheith ithte gen ngalldachas, earra Ghaedhealach ní bhfaghfá in aon tsiopa, amhrán Gaedhealach as phus aonne, iad ag déanamh aithrise ar gach rud thar lear: cómhacht thar lear ortha. In-a chuid cainnte, béas, gníomh chómharthófá an galldachas, níor mhar a chéile in ao'chor a's na daoine 'n-a thímcheall: cuma a's gné neamh-Ghaedhealach ar gach rud dá ndeárnadar. Focal Gaedhealainge níor labhair sé lé fada ach béarla, d'imthigh sé le galldachas ar fad: ghaibh sé slighthe deóranta chuige.

galldacht: *b.3.* an liomatáiste 'n-a labhartar béarla innte: béasaidheacht iasachta meón a's clódh a's geámaidhe an eachtrannaigh. Is í an ghalldacht an chuid is saidhbhre de thír na hÉireann: an áit 'n-a labhartar béarla a's go bhfuil béasa a's nósa na ndaoine deóranta in uachtar. Budh bheag an ghalldacht a bhí i gcroidhe an Phiarsaigh: leagadh nó claonadh lé meón na Sasanach. An ghalldacht chómh greamuighthe isteach 'n-a gcroidhthibh gur dóigh leó gur cheap Dia Sasana chun an domhain mhóir do riaghalughadh: an mianach doimhin-bháidheamhlachta lé Sasana a's a mbaineann léi.

gall-dúda: *f.4.* aineólach, duine dúr. Gall-dúda ar scoil dob eadh é nár bh'fhéidir faic do chur 'n-a cheann: aimid. Má fhágair fén ngall-dúda san é beidh sé gan déanamh: duine dall gan aon léas eólais. An rud do fágtar fé ghall-dúda bíonn a rian air, is é bhíonn go breallach: aineólach: duine nách eól do connus cur chun ruda fiú amháin.

gall-dúdaidheacht: *b.3.* útamáil, abláil, fútráil. Lé n-a chuid gall-dúdaidheachta ag déanamh an ruda mhíchirt ar gach cor lait sé an gnóth: ablála. Tugann sé leath a shaoghail ag gall-dúdaidheacht faid a's bheadh a sheacht n-oiread déanta ge duine eólgaiseach: ag útamáil: ag gleódhgháil gan tairbhe.

gall-trúmpa: *f.4.* barrabuadh, buabhall, stoc. An lá seinnfear an gall-trúmpa: lá na breithe.

gallúnach: *b.2.* an teilgean go nightear a's go nglantar leis, a deintear as oíle saill, etc. Aithnighim ar an slighe ataoi ag cuimilt ghallúnaighe fúm go bhfuil aisce nó comaoin éigin uait: bheith go tláith liom: ag dul tríom isteach. B'fhuraiste dhóibh caladh do dhéanamh ar an leadhbóig nuair bhí gallúnach curtha aca fé: bob do bhualadh air nuair bhí sé meallta cealgtha aca lé n-a mbréag-mholadh: amadáinín déanta dhe le plámás. Tá an "ghallúnach fé" anois agam duit, tá sé oireamhnach lé bearradh: gach aon rud réidh id chómhair, níl agat ach an bob do bhualadh anois air.

galrach: *a.* neamhfholláin, éiglidhe, leigthe, saothach. Uisce galrach é sin go mbíonn trufais an bhaile ar fad ann a's gan aon rith leis: go bhfuil geineóga ann, teachtairidhe aicíde. Aimsir ghalrach, fhliuch, fhuar gan grian gan teas: a thabharfadh breóidhteacht duit. Coillte a's forghaisidhe dorcha, diamhaire, galracha istigh i lár na hAfraice: go bhfuil ionta tabhairt breóidhteachta. Gamhain galrach gur chuma cad dhéanfá dho, ní thiocfadh bláthas ná crot air pé ceasnaidhe a bhí laistigh air: galrach go raibh díthshláinte 'n-a chrathachaibh. Feóil ghalrach feóil na caorach a cailleadh lé crithir fhola: neamhfholláin: go raibh fíneóga nó teachtairidhe breoidhteachta innte: fíneógach. Má tá sé ar fóghnamh is ait é a's an chuma ghalrach a bhíos gach aon lá den mbliadhain air: leighthe, éiglidhe. Tá roinnt – sciathán ar leithrigh – den ósbuideál mar a bhfuil na galraigh ar deighilt ón gcuid eile d'fhonn a's ná buailfeadh aicídidhe tógálacha na daoine atá ann: othair neamhfholláin.

galraighe: *b.4.* easláinteas, mílítheacht. Aire ar bith níor thug sé dho féin tréis an fhuachta go dtáinig sé chun galraighe dho a's b'éigean a thriall do bheith ar an leabaidh: chun mílítheachta: ceasnaidhe faidshlighe. Dochtúiridhe na Mumhan ní chuirfeadh an ghalraighe amach as a chreatlach anois, tá sí ró-fhada ag gabháil do: ceasnaidhe a bhíos dulta chun síogaidheachta a's leadráin.

galrughadh: *f.* (*-uighthe*) dul i mbreóidhteacht, aicíd do theacht (i); dreoidhteacht do theacht. Na hainmhidhthe ag galrughadh ar an dtalamh tais go bhfuil léithe uisce ann: breóidhteacht ag teacht ionta gen saghas múscáin go ndeineann fíneóga dhe i scamógaibh an ainmhidhe. Déanfaidh an t-aoileach san i mbéal dóirse agus an mus bréan atá uaidh galrughadh ar an gceanntar: cuirfidh sé easláinte go fairsing. Braon do dhein an chos ar dtúis, fuair sí ionndrabháil mhícheart a's chrom sí ar galrughadh léi gur bh'éigean í do

ghearradh gen nglúin: an mháchail a bhí uirthe bheith ag scaipeadh. Droichshíon a's ceal gréine is bun le galrughadh na n-ubhall: máchail fhásta do theacht ortha: meath: caoch.

galruighim: *b.a.* $_7$ *n-a.* tugaim galar nó aicíd do, fabhtuighim, breóidhtighim. Galróchaidh an t-iasc cabhruighthe sin thu: an t-iasc go bhfuil blas na fuarghaoithe tagtha air, fabhtóchaidh sé thu: na fíneóga aicíde atá ann raghaid id chreatlach a's déanfaid máchail shláinte dhuit. Go luath sa tsaoghal ghalruigh sé a's lá maitheasa ní dheárna ó shoin: tháinig míthreóir nó suathadh ar na feartaibh corpardha. Ar eagla go ngalróchadh an drochshúil an tsúil mhaith as go gcailltí í sin leis baineadh amach í: go sínfeadh sí chúiche an t-iomard a bhí uirthe.

galún: (**gallún**) *f.1.* tómhas ocht bpínt. Nuair bhíodh iasc flúirseach bhíodh leathghalúin flúirseach: leann dubh in áraistidhibh cheithre bpiúnt dhá riar go raidhseach. D'ólfadh sé galúin: mórchuid.

gamach: *f.1.* leath-amadán: breallsún, duine saonta, baothán. Más dóigh leat gur gamach mise a chreideas gach focal uait tá dearmhad mór ort, ná tabhair breith ar an leabhar go n-osclair é: duine saonta gur furaiste bréag a's éitheach do chur 'n-a luighe air. Gamach bocht tuaithe gur bh'fhuraiste bob do bhualadh air mar budh bheag é a thaithighe 'ná a choidreamh ar chomhluadaraibh glioca: duine gan chruinneas.

gamhain: *f.3.* laogh, focal ceana. D'ólfá ar nós an ghamhna, ná hinnis dom-sa a mhalairt mar táim i ndán do bhréagnuighthe: deoch mhearbhaill mar ólann laogh úth a mháthar. "An gamhain geal bán" (amhrán): an cailín maoth, soilbhir, fionn, breágh. A ghamhain thu, ná bí ag gol, níl leigheas agam ort mar ná feadar cad é do cheasnaidhe: mo ghrádh istigh thu: mo chroidhe deóil thu. Ar éirigh an gamhain samhraidh fós?: an peata leinbh nó ógánaigh. Caithtear breis chineáltais do thabhairt don laogh a saoghaluightear déidheannach. Feirmeóir gan bhó gan ghamhain: gan ainmhidhe ag siubhal a fhearainn. "Ar son Dé stad a's ná dein gamhain díot féin", deirtear lé duine go mbíonn slogadh mór, fada aige. "An ólann sé beathuisce?" – "an ólann gamhain bleacht?" .i. d'ólfadh sé mórchuid. Tá an bhó i ngamhain (ag iomchar gamhna): torrach. Tórmach mór a's marbhghamhain: an saoghal mór de chainnt a's gan gníomh ar bith ghá leanamhaint. Bó ionghamhna: go mbeadh gamhain ar iomchar aice.

gamal: *f.1.* amadán; duine dúr neamhchuinn; paor. Gamal macánta é ná cuireann aon chruisteach ar aonne: sodamán: duine réidh saonta ná fuil chómh géarchúiseach, a's go mbodharfadh é féin lé cúraimidhibh dhaoine eile. Dheineadar gamal ar a dhá chois de, chuireadar cártaidhe lastuas de: chuireadar sa tslighe é a's ná feadair sé cad cárta budh mhaith dho d'imirt. Cuirtí na gamail a's me féin ar a líon, ar shuidheachán leó féin ar scoil: iad so ná bíodh a gceachta saothruighthe aca nó nár bh'fhiú bheith ag caitheamh aimsire leó. Cad deir an gamal san?: an dtuigeann aonne agaibh é?: duine neamhchruinn, neambeacht. An mbeinn im ghamal amadáin chómh corónta san a's go dtabharfainn mo chasóg d'aonne, is cuma liom cad deir an scríbhinn diadha, a's a ceal orm féin: amadán nár bh'fhéidir faic do mhúineadh dho: ceann cipín.

gamalóg: *b.2.* cailín go mbeadh cuma bhog, neamhchruinn uirthe; óinseach. Gamalóg dob eadh an cailín bocht agus é do phósadh, lá áidh ní fheaca sí ó shoin: óinseach: cailín gur bh'fhuraiste "salann do chur ar laogh dhi". An ghamalóg san, mo ghradhain í, is fada go nighfidh, go nglanfaidh, go gcliathfaidh ná go bhfuaghálfaidh, ná é d'eólas uirthe. Chaith sí na tráthanna annsúd ag feitheamh leis, 'n-a gamalóg os chómhair chách: 'n-a hóinsigh: cuma bhreallach uirthe.

gamba: *f.4.* dínc; clabhta (maide rámha), spága, ursa, taobh, lidhe. Bhuail sé chuige laistigh dá chasóig gamba feóla a bhí ar an gconntabhairt, tímcheall toit dhá phúnt: geannc: cnapán. Tairng chughat do ghambaidhe, a's ná leagaidís na daoine maran ab ionta atá an fhaid: cosa fada. Druid isteach lé gamba na teine, go maith, á, mhuise go leathaidh an fuacht tu, a léasáin lice: giall na teine, an taobh den gcúinne is giorra dhi. Tá na maididhe (rámha) sin caithte, ní fhanaid socair fén mbuille, caithfear gambaidhe do chur ortha: clabhtaidhe: blúiridheacha adhmaid a chuirfidh in ionannas iad.

gambach: *a.* fadchosach. Níl aon ghnóth ag fear gambach ar shuidheachán íseal. Is gambach liom thu chun aon nirt droma do bheith ionat: na cosa lánfhada atá fút im thuairm ní tuar nirt iad. Gambach righin ná tabharfá deich triuch air ar fhéachaint air go bhfuil fuinneamh 'n-a ghéagaibh: duine faidghéagach.

gambairne: *f.4.* blúire fada, aimlidhthe; duine go mbíonn an bob buailte air, a bhíos meallta; go mbíonn neamhchoinne air: fuairthéidh: slíomadóir: siléigeóir. Iarradh orm bheith in áit áirighthe ar uain áirighthe go mbuailfí liom ann; dá mbeinn ann ó shoin ní thiocfadh neach orm – fágadh annsúd im ghambairne me: im dhuine díombáidh. Cad é an mhaith bheith ag brath ar an ngambairne sin nár dhein aonnidh riamh i dtráth: slíomadóir: silimide oibre. Cogar liom, má dheinir gambairne díom a's bheith ag feitheamh leat a's ná tiocfair ní mhaithfead go deó dhuit: duint go mbeadh díombáidh curtha air: go gclisfí air. An t-imirtheóir is fearr dá rug riamh ar chúig chárta dhéanfaidís seo gambairne de: amadán croidhearg: duine go mbeadh dá threóir an oiread san a's ná feadair cad budh mhaith do dhéanamh. Gambairnidhe ná deaghaidh riamh ar scoil budh challóid dóibh eólas na cathrach do chur: daoine dalla, tuathalacha. Tugann an chleiteóg hata san cuma an ghambairne ort: an díthreóigh: mar duine a bheadh tréigthe ag an saoghal mór. Cad tá uait ar an ngambairne feóla san, ní ró-mhaith an saghas é mar thaidhsigheann sé dhom-sa: spadalach de bhlúire (ní geannc in ao'chor é).

gambairneacht: *b.3.* siléigeacht: manaois, slíomadóireacht, díthreócht. Beir déidheannach má leanair ded chuid gambairneachta, cad tá ghod mhoilliughadh anois?: siléigeacht: neamhshuim gluaiste. A shaoghal, seadh a's dá bhfaghadh sé saoghal eile, chaithfeadh sé ag gambairneacht ar an rothar san: ag útamáil gan chrích leis. D'fhág an cárta san atá ró-mhaith dom gambairneacht orm: bhain sé dem threóir me gan choinne ó neamh agam leis.

gan: *r-fh.* de cheal, in éaghmais, d'iongais (d'únais). "Imtheacht gan teacht" air an crochaire cladhaire: nár fhillidh choidhche. Bheith gan ór gan airgead: bheith in iongais óir a's airgid: a gceal do bheith ar dhuine. Gan chéill gan mheabhair lé digh: a n-uireasbhaidh do bheith ann. "Ár sláintidhe" – "gan ár sláinte ag aonne": togha sláinte go

raibh againn. Budh gheairrid an mhoill ort é do dhéanamh dom, gan a fhaid sin de luigheachán na bliadhna ort: an fhaid do bhain sé dhíot ná rabhair breóidhte. Ghaibh sé síos an bóthar gan hata gan chaipín: 'n-a mhaoil: deabhadh an domhain uile fé. Duine do bhualadh gan chúis gan adhbhar, beart gan ghátar: ní bhíonn réasún ná fáth leis: ní bhíonn call leis. Bhuail sé isteach i láthair na babhtála gan chead gan cheileabhradh: mar a raibh rud éigin ar siubhal ná raibh baint aige leis, níor iarr cead ná ní tháinig i slighe oireamhnaigh. Gheóbhadh sé a raibh ann gan ach é d'iarraidh: níor ghábhadh dho a thuilleadh duaidh do chur air féin. Gan uaim ach aon mhíle amháin slighe nuair b'éigean dom filleadh: sin a raibh uaim gan críochnughadh. Gan uatha i gcómhnaidhe ach troid a's coimheascar: sin é a bhíos 'n-a gceann do shíor. Gan ó Shasana ach tíortha eile do bheith ag troid di: sin é a duanghaois: a hinntin. Gan uaim ach an focal is me a labharfadh go pras: ag brath ar é do chlos. Bhrisfeadh sibh croidhe aon athar, mar chlainn, gan uaibh ach biadh a's éadach breágh a's saoghal: aon taidhbhreamh ar obair níl agaibh. Gan uaidh ach bliadhain amháin chun bheith 'n-a dhochtúir: sin a raibh d'aimsir roimis amach chun críochnuighthe. Gan faid mo mhéire d'aon tsaghas córda aige chun an bheartáin do cheangal. D'imthigh sé gan chrích gan áird ón lá san amach: níor chuir aonne 'n-a dhiaidh ná níor fhan nath ge aonne ann: gan aire mhaith do thabhairt do. Níl aon éirghe os a chionn, tá sé gan aithne gan úrlabhra lé laetheantaibh: in uireasa aire...tá ceal aithne a's úrlabhra air. Táim gan airgead: ní fiú biorán a's a bhfuil agam. "Tóg uaim é a's gan uaim ach é": deirtear lé duine a bhíos ag diúltadh go dúmasach rud a bhíos dhá thafant air a's fonn an tsaoghail air chuige. Duine gan phreab, gan philibín seadh é: gan aon teacht aniar in ao'chor: dúr: cruinn, sprionnlaithe, meathtach. Tá na cosa agat an uair seo, ach ní gan ag dul uait atá sé: níl aon chao éaluighthe agat ná go mbainfear a shásamh díot. An gan corruighe ataoi fós?: an rud atá i gceist é? Dá dhéine atáthar ag dul ortha táid gan tabhairt fós: níor ghéilleadar. Adhlacadh é gan clos agam air: a thuairisc níor shroich me. D'iarras air gan imtheacht, ach d'imthigh gan bhuidheachas dhom: thar mo chrois: dem aindeóin. Seo amach iad a's gan ortha ach a bhfaillingidhe: an méid atá áirighthe d'fholach. Gan bheith air sin ach tinneas cinn budh dhóigh leat gurbh é an bás do bheadh aige: a luighead san iomaird. Ar gan me do dhul in ao'chor ann bheadh an milleán céadna orm: fiú me d'fhanacht as. Ar gan a bheith ar ghluaisteán ach chúig phúint níl im chumas a cheannach: ar an méid sin amháin. Fé bhun gan aonne bheith in aonfheacht leat ach tú féin níl, ní fhéadfá bheith deimhnightheach ná go scéidhfí ort: ar an dtaobh amuigh dhe etc. Gan bheith ar an obair in am cuireadh an ruaig air: bheith ar iarraidh. Bhíodar míoshásta liom fé gan cuireadh do thabhairt dóibh: toisc nár thugas. Gan dom ach coróin sa tseachtmhain connus mhairfinn uirthe: ní raibh a thuilleadh tuillimh agam. Gan de chlúid air ach giobail: ní raibh ach san. Gan de chabhair agam ach me féin: neach eile ní raibh. Gan de mhuirear air ach é féin: neach eile lé cotháilt. Sé an truagh gan chun an bhídh bhreágh so ach an bheirt againn: aonne breise níl. Gan de chiall aige ach oiread le fear buile: an mhéid chéadna. Gan díom ach mo chasóg chaitheas isteach 'on bhfarraige me féin chun é do shaoradh: sin a raibh d'éadach bainte anuas agam. Ar an uain sin gan díom ach scilling ar an imirt: buaidhte uaim. Thángthas rómham sa doras chun gan me do leigeant isteach: ionnas me do choimeád amuigh. Gan as an mbannc ach aon phúnt amháin fuairtheas amach é: tógtha as: an méid sin siar. Gan asam indiugh ach uair an chluig oibre: sin a bhfuil bainte asam. Gan as ach seachtmhain briseadh: sin a raibh sé in áis. Gan dul as choidhche dhuit, a fhir ghaládnta, is mór an mhaise curtha agat orm: chun deiridh nár théighir choidhche. Is lán-olc an fhuireann peile sibh, fir ghroidhthe, a's gan

libh ach aosánaigh: fir níos fearr ’ná iad níl in iomarbháidh libh. Thuit sé gan leis ach é féin: neach ag cur isteach ná amach air. Gan liomsa sa toirmeasc ach mo mhac: neach eile a bhaineas liom. Gan eadrainn ach sinn féin: aonne eile ní raibh ag cur isteach orainn. Gan eadraibh ach míothuigsint, is mór an náire dhíbh bheith ag imreas: sin é an chúis ar fad. Trí gan me do dhul ann ar a gcuireadh tháinig stainncín ortha: toisc ná deaghas, etc. Thar gan é bheith glan ar scoil cuireadh abhaile é: mar gheall ar, etc. Thar gan me labhairt in ao’chor leis bheadh an díomas céadna aige dhom: seachas san a’s uile. Is conntabharthach an rud duit gabháil amach gan fothain gan fascadh: ceal oiread culathra a’s chosnóchadh ar shín duine. Tigh gan fothain gan fascadh: tigh in áit scéirdeamhail a’s ceal daingneachta air. Gheóbhair earraidhe annso airgead do bheith agat nó gan: bheith in iongais: in éaghmais. “Tuiteam gan éirghe ort!” deirtear lé duine, ainmhidhe nó rud a thuiteas agus ná taithnigheann linn. “Lat leidhbe gan leasughadh” air mar Shasana: as a chéile go dtairngear í a’s mar sin go bhfanaidh. Gan a thásc ná a thuairisc ón lá do chuir sé cos ar bórd luinge: an saoghal in easnamh a scéala. “Cá bhfuil na háraistidhe breághtha a bhíodh sa teaghlach so?” – “imthighthe gan a dtuairisc”: leachta thall ’sabhfus. “Achrann gan réidhteach” chúcha as an dteasbhach cogaidh: a mórdhóthain dá dhuadh a’s dá bhuaidhreamh go bhfaghaid. Seadh, anois táim gan súil agat: chaochais me. Tá an madra gan chois agat: ghoirtighis aige í a’s beidh sé gan a háis. Ná leig gan chiall an duine sin: tair treasna air: bain staonadh as: cuir corc ann. Tá sé imthighthe gan léas chéille: ar mire. Gan ann ach an ceann a’s áit na súl: an plaosc lom: crích dheireannach an duine. Gan uaim ach gaoth an fhocail: ar biorda, ar m’ingnibh deireadh, lánfhonnmhar ar rud do dhéanamh. Sin mar tá sé riamh – aibidh, droichmhiantamhail. Gan uaidh ach “iarraim cúis chughat”: ag tafant ’sag brughadh achrainn ar chách. B’fhuraiste dúinn réidhteach, gan ann ach beirt againn: neach eile ní raibh láithreach nó i dtreis. Fear gan náire roimis ná ’n-a dhiaidh air: aon tsaghas náire aon uair ná ar an chao ní bheadh air. D’imthigh sé a’s a earball trí n-a ghabhal aige gan oiread a’s ‘haf san’ do rádh: bhí sé balbh ciúin. Cá bhfuil sé anois lé n-a cuid scaothaireachta, ná fuil ag dul chun catha, gan de phort de ló ná d’oidhche aige ach cad ná déanfadh sé leis an Almáin: sin uile a raibh ar siubhal aige. Má thagair ar phósadh gan chuireadh beir leat stóilín chun suidhte: teacht asat féin. Shuidh sé ’n-ár gcuibhreann gan chuireadh gan iarraidh: as féin: ní dubhairt aonne go modhamhail leis suidhe ná ní bhfuair sé focal fáilte chuige. Gan iad do tharrac chughat id bhéal ná id bhrághaid an scéal is fearr: leigeant dóibh, fiú amháin cuimhneamh ortha. Dá mbeadh sé gan bac (bacúint) liom-sa bheadh an cúrsa i bhfad níos fearr aige: me do leigeant tharais. An capall ag imtheacht bán gan srian gan iallait: ní cuirtear chun aon tsaghas gnótha ná áise é. Inneósad duit gan gó connus mar thárla: an fhírinne ar fad – gan é do theacht chun baile leis, sin é an fáth é do bheith chómh sprionnlaithe: ní rugadh leis é.

gandal: (**ganndal**) *f.1.* fireannach na gé, scroibliún fir. “Ní sia gob an ghé ná gob an ghanndail” .i. ní ceart bheith fabhrach do dhuine ’e bhreis ar dhuine eile. An áit go mbeadh roinnt a’s cómhbhuannacht uirthe ní ceart duine bheith siar a’s a thuille chun cinn. Nuair bhíonn an gé ar gor bíonn an gandal breóidhte: lanamha go mbeadh an bhean gan bheith ar fóghnamh bíonn imshníomh ar a fear céile. An áit go mbíonn an ghé bíonn an gandal: leanann an fireannach an bhaineannach. Id ghandal annsan ag féachaint ar an gcapall ar míochomhthrom a’s gur leisce leat dul chun a chabhartha: do cheann san aer agat mar bhíonn a mhuineál scartha ag an éan. Dar leis gach aonne go raibh Sasana ’n-a

gandal faid bhí an Ghearmáin ag tiargabháil chun cogaidh: ag féachaint uirthe go manaoiseach. Gandal fir fadchosach, caolchabhlach: scribille: cúirliún: réathartach.

ganfhios: *f.* folachas, discréideacht. Ar mh'anam dá mbeifeá ag díol as an mbiadh ná beifeá chómh raidhseach, rabairneach fé, i ganfhios duit do thagann sé ort: ní luigheann a shaothrughadh ort: ní bhfaghair a dhuadh. Tá san aige, tigh slachtmhar, ach ní i ganfhios dá phóca é: dhíol sé go daor as. Ní hi (n)ganfhios dom chosaibh do shiubhalas ó Chorcaigh: siubhal fada dob é a ghoill orm. Is deacair teacht i nganfhios air siúd, tá sé braithteach, glic: cao nó lom d'fhagháil air: bheith mós maith dho. Bheadh gearánta air siúd i nganfhios don tsaoghal: ní duine clamhsáin é. I nganfhios dom féin do leagas an corn: níor bh'eól dom go rabhas ghá dhéanamh go raibh sé déanta agam: ní raibh m'inntin leis. Mara mbeadh gur tángthas i nganfhios air ní buaidhfí air: gan choinne aige lé teacht a namhad. A luighead san eagla anois air go bhfuaduigheann sé i bhfios a's i nganfhios: ós árd a's ós íseal. Bíonn airgead i nganfhios aige siúd, ní fheaca riamh gábhtar air: fé cheilt. Ní hi nganfhios do tháinig a bhás, is fada ghá thuaradh é: bhí coinne leis. Ag cainnt lé chéile i nganfhios: ós íseal: i gcómhluadar, i slighe a's ná cloisfí iad. Chuir súd in iúil go raibh neart i nganfhios ann: 'n-a chodladh: gan múscailt. B'shiúd annsúd me im ghambairne ganfhios agam cad a dhéanfainn. Déanfaidh an biadh sin maitheas i nganfhios duit: níos mó 'ná mar is dóigh leat. Ar an gcothughadh thá air bíonn ag itheadh i nganfhios: breis idir bhéilidhibh ceaptha. Bíonn airgead i nganfhios aige: choidhche ní bhíonn sé in uireasbhaidh, nó gheibheann cao ar a fhagháil. An ghá dhéanamh san i nganfhios orm do bheifeá: mise do choimeád ó n-a eólas.

ganfhiosach: *a.* folach, cluthair, discréideach. Deineann súd a chúram go ganfhiosach: gan eólas do bheith ag aonne air ná é d'fheicsint. Shiubhaluigh sé go ganfhiosach a's a bhróga dhe: go haicillidhe ná cloisfí é. Maran rún ró-mhór é, scaoil chughainn é, ní gábhadh dhuit bheith chómh ganfhiosach: greamuightheach, cluthair air. Aon rud do bheadh ar a aigne gheóbhfá amach é, fear oscailte dob eadh é, budh ghanfhiosaighe go mór an dreatháir, bhí san chómh ciúin leis an uaigh: b'fhearr é chun a rúin d'fholach.

ganfhiosaidheacht: *b.3.* do dhéanamh nidhthe go foluighthe, d'éalódh ar rudaidhibh ná baineann lé duine: sraithidheacht: slíomaidheacht: sleamhnaidheacht. Lé ganfhiosaidheacht cheart do fuaireas é seo, bhí faire agus cosaint mhaith air: dul fé n-a dhéin go haireach, glic, doifheicse: teacht air go foluightheach. Ar ghanfhiosaidheacht do mhaireann an sionnach: ar shraithidheacht: teacht go glic foluightheach ar a chreich. Cé go mbíd ag ganfhiosaidheacht ar a chéile, ní bheireann aonne aca ar an nduine eile: go mbíd ag cúbláil ó chéile ós íseal 'sag faire ar an lom d'fhagháil ar a chéile chun bearta do dhéanamh. Chuaidh cat éigin ag ganfhiosaidheacht ar an uachtar so, tá a leath imthighthe: ag triall air nuair fuair sé an lom, a's ná raibh cosaint chruinn air. Ar na geámaidhibh a's na feádhannaibh atá fén nduine sin a's ag faire (cuimhneamh) ar ghanfhiosaidheacht atá sé: an chuma n-a bhfuil sé ag tabhairt bóithre isteach, a's na rudaidhe atá dhá dhéanamh aige ná fuil deaghfhuadar fútha. Is mór an dúil ghanfhiosaidheachta a bhíos ar leanbhaidhibh chun suibh: an fhairghis chiúin chúthail ná tabharfadh aonne fé ndeara iad ar a thóir.

ganghábhaidheacht: *b.3.* smiollagar, ag ionfairt lé rudaidhibh. An ghanghábhaidheacht a bhriseann a croidhe, amuigh sa ghort, áit ná fuil aon ghnóth dhi, 'sa cuid oibre tighe ar bóiléagar: ag gabháil den rud ná fuil call leis. Cuir uait an ghanghábhaidheacht tímcheall chruitínidhe na fuinneóige, táid sin chómh socair 'sis féidir do bheith, dein rud éigin go mbeidh crích air: giobaireacht gan deallramh. An ghanghábhaidheacht duit do dhein an peann san do lat, dá leigteá dhi féin budh bhall tamall eile í: priocaireacht a's giobaireacht d'iarraidh í d'fheabhasughadh.

gangaid: *b.2.* mealltóireacht, cealg, suaraidheacht, díomas. Níor mhaith liom bheith ag brath ortha, táid lán de ghangaid a's ní hiontaoibh iad ná go bhfeallfaidís: de chaime a's de chalaois: ní bheidís comhthrom leat. Tréis a geallamhaint dom go bpósfadh me do bhí an ghangaid 'n-a croidhe a's d'fheall sí orm: an feall: an chalaois. Chuiris gangaid ar fuaid na cathrach orm gur phóitire a's callánaidhe me i ngach cómhluadar dá mbím: masla chun mo dhíoghbhála. An ghangaid 'n-a chroidhe aige dhom i rith na feadha go raibh sé ag dúmas muinnteardhais, a's nuair fuair an chao air do dhíolas as leis: an cam. An ghangaid atá ceangailte istigh ann ná cuimhnigheann ar ghníomh fóghanta: suaraidheacht cham. An dá lá dhéag a's faid mhairfead beidh gangaid agam don té a bhuail gan chúis me agus bead ag faire ar é do chúiteamh leis: fonn díoghaltais, gráin.

gangaide: *f.4.* fealltóir, mealltóir, teangmhálaidhe drochaigeantach. Mara mbeadh é do bheith 'n-a ghangaide ní agróchadh sé rud ort a thuit amach bliadhanta ó shoin: duine suarach-aigeanta, gomhamhail. Ar a bhéal san nuair bhíonn sé ag cainnt budh dhóigh leat gur leat é idir chorp a's anam, a's féach a mhalairt ar bórd aige, an gangaide: an rud ná bíonn ann do chuir 'n-a luighe orainn lé gníomh, briathraibh etc.: duine a chuireas amugha sinn lé n-a thoil. Gangaide é sin ná stadann de bheith ag leathadh cumadóireachta ar chách: duine a bhíos ag cur bréag ar dhuine eile nó ag tabhairt drochthuairisce air.

gangaideach: *a.* nimhneach, namhadach, droch-aigeanta, bréagach, cealgach, calaoiseach. An rud is lugha dá ndeárnadh riamh air níor mhaith sé é, nár ghangaideach an duine é?: díomasach, drochaigeantach. Nuair fuair sé fé n-a bhun síos é chaith sé ballán cloiche i gcródh an chinn air, féach gur ghangaideach an aigne a bhí aige: olc: namhadach. Ní maith, cóir ná maoidhteach an chainnt do bhí aige ort ach bréithre gangaideacha: labhartha d'iarraidh do chlú do mhaslughadh. Is gangaideach croidhe an te a chliseas ar a charaid: bréagach, neamhdhílis. Ar gach cor dá gcuirfeá dhíot budh cheart duit bheith got aire féin ar an ropaire gangaideach san, mar bhainfeadh an bonn uait: cleasaidhe an-cham.

gann: *a.* tearc, mion, fánach, neamhfhlúirseach, gearra, cumhang, bocht, teanntuighthe. Paróiste gann é seo, talamh bocht atá ann: tá na daoine ann bocht. "Dia liom" – "ná déarfá 'Dia linn' a's gan guidhe ghann do bheith agat": cumhang: neamhfhairsing. Beidh daoine gann fé earraidhibh a thagas thar lear má leanann an cogadh air: beid gearra: ní bheidh in aon ghiorracht dá ndóthain aca. Beir gann ar an gcaitheamh nó is gearr do bheidh faic agat: bí bainistigheach: coigilteach. Ná beir gann orm: tabhair eaga dhom: ná beir ar bhrághaid orm. Nar bheiridh Dia gann ná geairrid ort: ar uireasbhaidh a's bás obann nó luath go gcosnaidh Sé thu. Ní hannamh do beirtear gann ar dhuine: go dtagann uireasbhaidh air. Nách gann a bhí slighe ag teacht ort go ngeóbhfá mo shuidheachán-sa:

cumhang: connluighthe. Ná téighir gann ar an éadach nó laitfir é: ná bí ró-dhian ná ró-sprionnlaithe 'n-a ghearradh. Raghaidh an saoghal gann orm-sa an lá loirgeóchad comaoin ort-sa: an-dhian: bead teanntuighthe go maith. Nílid ag pósadh mar tá mná gann: tearc: fíorbheagán díobh ann. Is é is lugha is gann dom cabhradh leis an té a chabhradh: tá san ag dul uaim do ar a luighead. Is gann dom é do dhéanamh ach déanfaidh mo dhícheall ar tú do shásamh: cuirfidh sé go dtím aon bheart me. Bítear an-ghann leis tímcheall an bhídh: sciotuighthe; sprionnlaithe. Is mairg do bheadh gann a's a bheith bocht 'n-a dhiaidh: cinnte: cruinn. An dóigh leat go mbeidh sé gann orm Áth Cliath do shroichstint in am, níl mórán aimsire agam: dian orm. Budh ghann do thagadh sé chughainn i dtosach, ach ní choimeádfadh madraidhe an bhaile uainn anois é: annamh. Gann, annamh, do thagann airgead ortha: fíorbheagán fothuair. Cuireadh an síol ró-ghann, a rian air, is fánach é an toradh: ró-scartha ó chéile. Níor ghann a ghéag i gcath: budh mhór é a héacht. Budh ghann leis an Riaghaltas do bhíodar toileamhail le dul 'on arm cuireadh buannaidheacht ar bun: tearc: neamhfhlúirseach. B'é budh ghann dom an beagán do fuaireas nuair chuimhneófá ar an méid do dheineas: b'é budh lugha a bhí ag dul dom. Dá ndéanfadh cainnt duit é níl sí gann in ao'chor ort: is mó go mór an chainnt atá agat ná a bhfuil de mhaitheas ionat.

gannachar: *f.1.* teirce, neamhfhlúirse. Imthigh 'on tsiopa, tá gannachar lasán orainn beir leat tómhas seachtmhaine: soláthar ró-bheag. Leanann gannachar cogadh: ceal rudaidhe a bhíos ag teastáil uainn. Dréir a ghannachair seadh bhíos an luach: dá luighead a bhíos ann seadh is daoire aon nidh. Nár bheiridh gannachar choidhche ort: nár bhrathair ceal aonnidh ort.

ganna: *f.4.* rud a bhíos ag teastáil ón nduine chun a chothuighthe a's nách féidir linn a chur dinn. Chuadhas 'on bhaile mhór ag triall ar ghannaidhibh don dtigh – plúr, té, siúicre, prátaidhe, etc.: rudaidhe atá riachtanach a's nách féidir déanamh dá gceal. Cuir na gannaidhe go léir go críochnamhail chughat, ná caill ar do chluais iad: na rudaidhe go léir nách mór dúinn.

ganncghail: *b.3.* meabhrughadh, breallghail, lapadghail, útamáil. Pé ganncghail a bhí air tímcheall na gcapall sa stábla bhuail ceann aca é: útamáil: ag déanamh ruda éigin 'n-a measc go breallach. An-chaoch don bhfear bocht, bíonn sé i mbolgán an lae ag cur an bhóthair de mar bheadh i ndoircheacht na hoidhche ag ganncghail roimis, céim thall a's céim abhfus aige: ag meabhrughadh roimis go duaibhseamhail. Beir ag ganncghail leis an lampa san go leagfair é: ag mearáil air go neamhaireach. Is fada ag ganncghail annsan duit, an bhfuaireas fós an rud atá uait?: ag útamáil.

gannchuid: *b.2.* gannachar: an fíorbheagán, bochtaine, ceachaireacht: líon suarach. I dtaobh ban de tá an paróiste ar an ngannchuid, níl seisear ann in áit go mbíodh na fichididhe: ar fíorbheagán. Deintear leathtrom orm-sa i gcómhnaidhe, gcómhnaidhe, pé ciall é, gheibheann gach aonne a choisce, fágtar mise ar an ngannchuid, gan céadamhadh cuid mo dhóthain: an luighead. Caithfeam dul ar an ngannchuid i dtaobh an bhídh má leanann an cogadh dhe: ar riar tómhaiste. "An bhfuil a lán agat?" – "is agam atá, mar is gnáthach an ghannchuid": ní fiú trácht ar a bhfuil agam. Tabhair furmhór a bhfuil de

bhiadh agat dos na leanbhaidhibh, tá craos ocrais ortha, déanfad-sa leis an ngannchuid: leis an mbeagán beag.

gannchúis: (**gannachúis**) *b.2.* teirce, fánaidheacht, gainne: níos lugha 'ná mar bhíonn gábhadh leis. Náire chúiche mar ghannchúis! is gránda í, deineann sí duine sprionnlaithe: gan an eart chun lámh raidhseach do bheith ag duine. Níor ghábhadh duit ach féachaint ar an driuch tairngthe, lom atá ar na leanbhaidhibh nuair bheadh a fhios agat go bhfuil gannchúis ortha: ceal a ndóthana lé n-itheadh. Cloisim go bhfuil gannchúis ghuail sa bhaile mhór gur beag tigh go bhfaghfá ann é a's gur beag atá lé fagháil mar sin féin: ná fuil in aon ghiorracht d'oiread do bheith i dtaisce aca a's riarfadh ar na rochtairidhibh. An tsíor-ghannchúis do mheileann mo chroidhe ionam, gan céadamhadh cuid d'aon ghanna beatha agam: an teirce ó ló go ló: an neamhchomhthrom beatha. In áit éigin bhradach bhíodh biadh aige i rith na gorta cé go leigeadh sé air gannchúis do bheith air: ceal a's cruadhtan. D'imthigh iasc sa bhfarraige annso chun gannchúise – is beag de gheibhtear: chun fánaidheachta. Gannchúis go raibh ort sara bhfaghair bás maran cruinn neambog ataoi féd chuid: ceal a's easbhaidh.

gann(a)chúiseach: *a.* tearc, neamhfhairsing, neamhfhlúirseach, fánach, bocht, dealbh, gábhatarach. Bheadh rud gannchúiseach go maith agam, dá mbeadh sé amach ó chroiceann in ao'chor agam nó gheóbhfá-sa é: tearc: gan puinn ar bith. Nuair bhíonn an earra gannchúiseach bíonn an luach marbhthach: gan acht puinn bheag di ann. Nách gannchúiseach atá an saoghal ag dul ort a's teacht chugham-sa ag lorg a's breis a's mo lán-dhóthain agam féin lé déanamh: dian, dealbh. I dtosach an tsamhraidh mar seo bíonn barraidhe na bliadhna anuiridh gannchúiseach: is fíorbheagán díobh do bhíonn ag aonne. Daoine go mbíonn an t-airgead céadna go lán-ghannchúiseach ortha, daoine eile a's na trucaillidhe dhe aca: dealbh fé. In ainm Dé ná riar chómh gannchúiseach san an rud nách leat féin ach go háirighthe: sprionnlaithe: tearc: neamhfhairsing. Ná tuitidh in ísle bhrighe chómh tapaidh sin, d'fhuirseamair trí shaoghal budh ghannchúisighe 'ná é seo, níl aon cheal ar aonne fós: budh bhoichte a's budh dheilbhe. Nách gannchúiseach an béal atá air: béal bocht. Tagann an teanga an-ghannchúiseach orm fós, ní fada ghá foghluim me: mall, fánach, deacair.

gann(a)chúiseacht: (**gann(a)chúisighe**) *b.3.* dáil nó aiste bheith tearc, etc. Toisc a bheith ghá bhaint leis na haosaibh tá móin ag dul i ngannchúiseacht sa cheanntar so: a méid ag dul i luighead. Gannchúiseacht atá ag teacht leis na hainmhidhthibh sin: ceal a gcoda féin. A ghannchúiseacht a líonair na ciotaighe cubhrán a dtríomhadh cuid, ní bhrisfir tu féin choidhche: a theirce do chuirir ionta.

ganntanas: *f.1.* ceal, teirce, ocras. Dia go deó linn an ganntanas, ní raibh ach fothghreim lé n-itheadh lé mí aca: an t-ocras 'san ceal. Má bheireann ganntanas bídh ortha ar an oileán síon-theanntuighthe beid i mbaoghal a gcaillte: teirce: uireasbaidh. Deirtear ná fuil ganntanas fear, lóin ná armála ar an Almáin chun cogaidh cheithre mbliadhan d'fhulang: go bhfuil a dóthain díobh so aice. An ganntanas do chuir sa tsiubhal ag lorg me: an riachtanas ná féadfainn fulang gan an nidh atá uaim d'fhagháil: bheith gan é. Níl aon ghanntanas ná go bhfriothálann dom: aon rud a bhíos ag teastáil go cruaidh uaim tugann sé dhom é.

ganntar: *f.1.* gábhadh, riachtanas. Cad é an ganntar atá agat lé hairgead anois?: cad chuige go dteastuigheann sé uait. Ganntar sa tsaoghal níl ort: tá dul agat ar gach rud a theastuigheas uait. Go raibh maith agat, ní ganntar duit éirghe in ao'chor dómh-sa, tá fuighleach slighe in áit eile agam: níl call leis. Beart gan ghanntar duit mise do mhasladh: níor ghábhadh dhuit é. "An ndéanfair dom é?" – "ní dhéanfad ná é mar nách ganntar liom é": níl mo thoil leis. Dá mbeifeá fé ghanntar fé mar táim-se d'imtheóchadh cuid den dteasbhach díot: dá mbeadh ocras ort. Ná bíodh aon ghanntar oraibh, faid a's tá biadh a's ollmhaitheas in bhur bhfiadhnaise, caithid bhur leórdhóthain: ocras: ceal sásta na colna de bhiadh na talmhan. Táir i nganntar bearrtha, tá coinnleach ar do chorrán: d'oirfeadh sé dhuit an rásúr do chur ar do leicne. Nuair rug an ganntar ortha b'éigean dóibh imtheacht tar lear an méid d'fhéad é, neachtreacha dul go Tigh na mBocht: ocras, ceal. Bhíos i nganntar bróg: teastuigh feighre nuadh uaim. Cuirfir tú féin chun ganntair – tá do lámh ró-rabairneach, beir féin in éaghmais: bochtnóchair thú féin. Níl puinn agam dhá thabhairt duit ach béarfaidh ó ghanntair go cabhair Dé: ón easbhaidh go flúirse. Dá mbeadh aon ghanntar léd chabhair ní bheifeá chómh fonnmhar: dá mbudh ghábhadh í. Níl an diabhal lé feabhas ar fad ar an arán so, ach dhéanfadh sé le linn ganntair: le linn géibhinn, broide: nuair d'oirfeadh rud do dhéanamh. Is olc an rud ná déanfadh le linn ganntair: nuair bheadh deabhadh leis nó ná beadh malairt is fearr lé fagháil.

ganntarach: *a.* easbhaidhtheach, uireasbhach, de cheal, gábhach. Is maith ganntarach atá do chapall: tá ceal bídh, iarainn, gléis etc. air. Is ganntarach a bhís go deimhin: is mór mar theastuigh san uait. Táir chómh ganntarach lé héadach le haonne a mhaireas, giobal níl ort: teastuigheann sé uait go dian. Budh ghanntarach do chuaidh sé air gur b'éigean do a chuid do dhíol d'iarraidh maireachtainte: an-dhian. Cad é is géibheannaighe ar chorp an pheacaigh 'ná bolg ganntarach?: easbhaidhtheach: go mbíonn ceal bídh air.

gannuighim: *b.a.* $_7$ *n-a.* téighim i dteirce, fáiscim, cumhanguighim (ar). Lé bliadhantaibh anuas anois do ghannuigh gabhair (iasc) san áit seo, fothcheann do gheóbhfá anois mar a mbíodh na mílte mílte cheana: chuadar i neamhfhlúirse. Nár chualaís riamh gur i mbéal an mhála bhíonn a bhainistighe anois faid atá an raidhse plúir ann, gannuigh air, ar eagla go mbeadh ceal 'n-a dhiaidh: bain siar as: ná bain áis ach as an méid is lugha a theastóchaidh. An iomad téide agat leis an mbád a's níl an tarrac ceart dá chionn uirthe, gannuigh uirthe a's beidh breis bhuannachta agat uirthe: ciorrbhaidh uirthe: ná bíodh sí chómh fada. Is uathbhásach mar ghannuighis lé déidheannaighe, níor fhan spiota (spioda) fiadha ar chnámh leat: lomais: chuadhais as. D'imthigh an t-éirghe anáirde nuair ghannuigh an t-airgead air a's ná raibh cur leis aige: ar dhul sa tslighe a's ná raibh puinn ann de. Nuair connacthas don athair go gcaithfeadh a mhac a bhfaghadh sé, ghannuigh sé ar an bhfaghálтas do: rug sé gearra air: chaoluigh sé ar an ndeóntas.

gaobhar: *f.1.* cómhgaracht, cao, dul, slighe gnóthuighthe. Níl aon leigheas agam ort gur chuireas díombáidh ort, aon ghaobhar, cé go ndeárna mo dhícheall mór, ní bhfuaireas ar theacht chughat: cao: faill: lon. D'fhuathuigheadar an tigh orm agus bhagradar orm gan dul 'n-a ghoire ná n-a ghaobhar: in aice leis na i ngiorracht do go bhféadfí a rádh go raibh me in aon treó dho. Táim gan aon rud agam do léighfinn ná gaobhar agam air: dul: cao ar é d'fhagháil. Deintear éadach de chádas ach ní bhíonn in aon ghaobhar d'éadach olna lé

teas ná buancas: gan aon bhualadh aige leis: gan bheith i dtánaiste leis. Dá mbeitheá in aon ghaobhar do bheith chómh háluinn léithe d'imtheóchadh an cloigeann díot lé tóirtéis: i mbuille lé bheith chómh maith. Níl an bás aige ach tá sé i ngaobhar do, níl luadhail 'n-a theangain ná luadar i ngéig leis: an-athchomair do. Imthigh óm ghaobhar, nó is tinn duit: scrios: fág mo radharc: ná bíodh aon bhaint agat liom.

gaobhardaidheacht: *b.3.* cómhgaracht, athchomaire. Fan amach uaim, ní theastuigheann uaim thusa, i lár daoine an domhain uile, bheith ag déanamh aon ghaobhardaidheachta orm: bheith ag cómhgarach ná ag brughadh isteach orm. Ar an nguailneáil agus an tseópáil a bhí air b'fhollus dom go raibh gaobhardaidheacht dhá thaidhbhreamh do: bheith ag druideam liom chun me do shuathadh nó canntáil do dhéanamh orm.

gaoidhean: *f.1.* an talamh cruaidh, sciollach fé bhun na húire. Treabhadh an talamh go gaoidhean: ró-dhoimhin. Chuaidh a chuid cainnte go gaoidhean ionam: ghoirtigh sí go mór me. Páirc ghaoidhin: gan puinn úire.

gaois: *b.2.* ciall, meabhraidheacht, lán-mhachtnamh. Cainnt lé gaois atá ag teacht uaidh nuair deir sé "bíodh rud agat féin nó bí dhá uireasbhaidh": go bhfuil ciall a's fuaimeant léi. Bhí gaois i méir an té a cheap an chéad eitealán: gliocas: clisteacht: sár-eólas. Ní lé gaois do dhein sé é ach lé ruathar: lán-mhachtnamh acht ceal féachaint roimhe.

gaol: *f.1.* cómhgas fola nó pósta, báidhidheacht: claontacht. Níl aon ghaol eile chómh dlúth le gaol na gcnámh: an cómhgas nó an ghiorracht a leanas an fhuil chéadna i ndaoinibh. Tá, mhuis, gaol mór agat leis, gaol gallda ó ghabhal príocháin: cómhgas nár bh'fhéidir do chur isteach: ag tagairt do dhuine fáin atá "príochán" annso. "An dóigh leat go bhfuil an bás ag déanamh air?" – "tá gach aon ghaol aige leis ar an ndrochchuma atá air". Níl aon chosamhlacht air ach ná téarnóchaidh sé. Duine aonardha, uaigneach mé san áit seo gan gaol ná cleamhnas agam ann: braon dem chuid fola ná baint phósta agam trí neach a bhaineas liom. Bhíodh ár seandaoine geairrid go maith dá chéile, ach tá ár ngaol sínte anois: cosa ó n-ár sinnsear sinn atá i bhfad amach. Bíonn leanamhnachas aca ar a chéile, tá báidhidheacht ghaoil aca lé chéile: gaol ná fuil dlúth ach go bhfuil muinnteardhas ag gabháil leis. Mo cháirde gaoil go scaipighthe, lá na broide is eól dom san: ceangail dréir fola. Is amhlaidh mar atá agam-sa agus is aindeis é, bheith ar iomad gaol a's beagán carad: mo chuid fola go flúirseach im thímcheall a's gan muinnteardhas ná báidh aca liom. Na daoine ná beadh gaol ná cómhgas agat leó is minic gur bh'iad budh leanamhnaighe ort: ná beadh do chuid fola ó shinnsear ionta ná baint ar bith. Is cuibhe iad do bheith mór lé chéile, tá ioscad ghaoil ann: ceangal nó cuibhreach dá luighead. Is deacair ár nglúine gaoil d'áireamh anois: na céimeanna atá ins na géagaibh ón bpréimh amach. "Is fada amach mo ghaol uait, a uain": cé gur díom thu ar nós an uain 'n-a chaoire a's ná haithnighid a chéile is ionann agam-sa é. Cómh-ghaol atá agam leis an mbeirt agaibh, mac dribhshéar duine agaibh, mac dreathár an duine eile: an chéim chéadna ó chéile uaim sibh.

gaolach: *f.1.* leanán, annsa, grádh. Mo ghaolach thú, thabharfainn fuil mo chroidhe dhuit: a ghrádh mo chroidhe istigh: m'annsa thu. Bhris an lionn dubh a croidhe nuair thréig a

gaolach í a's an mhuinghin do bhí as aice: dianghrádh. Níl baile cuain ná puirt ná go mbíonn gaolach ag mairnéalach: leanán.

gaolach: *a.* an-ionmhain, grádhach. Is é an fear is gaolaighe ges na daoinibh lé fagháil é: is mó go bhfuil cion a's meas aca air. Faic ní locfadh ná ní shéanfadh ort; mar is ró-ghaolach leis thu: cion a chroidhe aige ort. Caithid araon airgead go rabairneach, táid gaolach lé chéile ar an gcuma san: fíor-chosamhail: an mianach san.

gaolacht: (**gaoltacht**) *b.3.* báidheamhlacht, taiseacht, cneastacht, muinnteardhas, leanamhnacht. Gach áit da mbuailfeadh leat bíonn sé cainnteach, fiafruightheach, geallaim dhuit gur mhaith leis go maith thu, tá an ghaolacht go daingean ann: leanamhnachas: an taiseacht san gur mhian leis maith gach aonne. Banaltra a gheóbhadh thart na fichididhe uair gan friothálit ort, is innte ná fuil an ghaolacht: cneastacht: leagadh lé naoidhe na truagha. Bean bhocht, shithbhialta ná ceilfeadh cainnt ná biadh ort, go bhfuil an ghaolacht ag brúchtghail innte: lán de ghrádhmhaireacht. Is geairrid é a ngaol ach is sínte é a ngaoltacht: níl aon chion amugha eatartha.

gaolmhar: *a.* gaol nó cómhgas do bheith ann: cómhgharach: cómbáidheach. É de chuma oraibh go bhfuiltí an-ghaolmhar lé chéile ná gáiridhe geala atá oraibh a's an cogar mogar: árd-mhuinnteardha. "Is deacair duine agaibh d'aithint ón nduine eile ar bhur ndeallramh" – "más deallramhthach is gaolmhar": is dlúth ár gcuid fola: ní mór na glúine sínte sinn. Dhá ainmhidhe gaolmhar maith dá chéile an coinín san girrfhiadh: go bhfuil cómh-thréithe ionta agus cosamhlacht de chionn iad bheith den gcineál céadna tráth siar. Gheóbhair bitheamhnaigh gaolmhar i gcómhnaidhe: réidh lé cion a chéile do thógaint. Ceanntar cnocach scéirdeamhail cois farraige é seo atá síor-ghaolmhar le taisireacht: an-chlaon: an fonn atá ann, leagadh mór aige léi. Focail ghaolmhara seadh "muinntir" is "muinnteardha": ón bpréimh chéadna.

gaorthamhail: *a.* gleódhach, mórghlórach. A thúisce a's thagair isteach bíonn a mbíonn istigh go gaorthamhail agat léd chuid toirmisc: ag cainnt go garbh toisc a gcur "ceangailte 'n-a chéile". An uile mhaidean is é do bhíonn go gaorthamhail ag fógairt caorach as fhoghail: é ag screadaigh go hárd, garbh ag tafant madraidhe leó. Duine gaorthamhail seadh é, mara mbeadh uaidh ach aisce ort, bheadh a ghlam anáirde aige: mórfhoclach, mórghlórach.

gaorthaghail: *b.3.* gleódh, glamaireacht, borb-ghlór. Gaorthaghail aige d'iarraidh go gcloisinn é, gach aon ghlam a's scread in árd a chinn 'sa ghotha: gleódh mór a's buairthéidh. Thógfadh an ceann de thigh an ghaorthaghail a bhí air go ndéanfadh sé so súd lé haonne ar a aitheantas: maoidheamh borb, glórach.

gaoth: *b.2.* aer 'n-a ghluaiseacht, corruighe nádúrdha na haoráide ó áit go háit ar uachtar na talmhan: anál: aer nó geas a ceaptar sa ghoile a's a séidtear as: siolla: éachtaint: leid: baois: cainnt san aer: siosán. "An ghaoth 'n-a tost iarr andeas í": nuair bhíonn sé ciúin marbh is cosamhla 'ná eile gur andeas do shéidfidh airís. Budh chuimhin léi Oidhche na Gaoithe Móire tímcheall deich mbliadhna roimis an ndrochshaoghal: oidhche an ghála a dhein an oiread screasa. An-chonntabharthach againn i gcam an chnuic toisc na gaoithe

guairdeáin a thagas orainn: dlúimh mhór aoir a bhíos ag casadh ar a bhealach. Tagann cama-ghaoth ann de ghualainn an chnuic: gaoth láidir, chasta ná séideann díreach. “Ní haon eadh agam deich míle fichead go haon lá den seachtmhain” – “tá gaoth agat”: maoidheamh gan cur leis. Scaoil an bád i súil na gaoithe: cruinn díreach ’n-a coinnibh. Méam ghaoithe ní raibh as an spéir, d’fhanfadh an geitire ar lasadh: ní raibh mairbheacht na hoidhche ann: oiread a’s shéidfeadh duine as a bhéal. Ní raibh an oiread d’anam gaoithe ann a’s líonfadh an seól: corruighe san aer: puth: siolla. “Fearthainn a chiúnuigheas gaoth”: leanann an fliuchán í. Is olc an ghaoth ná séideann do dhuine éigin: dochar duine sochair dhuine eile. “Gaoth, a bhádóir”, deirtear san ag dúmas eagla nuair bhíonn duine éigin ag bladhgar. Comharthaidhe aimsire ar an ngréin, “cosa gaoithe ar maidin, cosa cailm tráthnóna”: gathaidhe ar maidin gála, um thráthnóna ciúnas. Is maith an bhean cháithte an ghaoth: gan í ní féidir an lóchán do dheighilt ón síol. “Fearthainn do laogh nó gaoth do shiorach, uisce do ghé nó déirc do bhacach”: sin iad a bhíos uatha. Ní hé lá na gaoithe lá na scolb: an lá go mbíonn an bhroid ann ní hé sin lá an chóirighthe ’n-a chóir. Gaoth adtuaidh a’s grian andeas: an tsín is breághtha. Ní luaithe ar an ngaoith Mhárta ná ar inntin mná: is cuma cad é áird go séideann as bíonn sé an-thaomanach. An bád ag tarrac na gaoithe: gan bheith ag tuiteam i leith a cliatháin ar a bórd ach ag seóladh go maith. Tá freangaidhe tinnis ’n-a bholg, gaoth atá air: aer bailighthe istigh ann. Chaith sé a chuid airgid mar d’imtheóchadh sé leis an ngaoith: gan aon ghreim aige air: go bog, ait. Bhí an oiread san fonn air chun stada ná raibh uaidh ach gaoth an fhocail: éachtaint: ní raibh ach tosnuighthe ar labhairt nuair stad. Fuair sé gaoth ó dhuine éigin go rabhthas ar a thóir a’s ghread níos túisce ’ná béarfí air: éachtaint: leid: samhladha beag. Nár bh’olc an barránach é gur scaoil sé an ghaoth ’san ghrian tríd an bhfear eile gan adhbhar: lámhach sé é. Éadach chómh tanaidhe sin go bhfeicfeá an ghaoth ’san ghrian tríd: an-dhearóil: an-leice. Oscail na fuinneóga a’s tabhair gaoth don seómra, tá sé an-mhúchta: aer. Tamall bhí sparán maith, teann aige, ach thug sé gaoth dho a’s níl puinn anois aige: chaith sé go rabairneach é. Druididh siar ón té go bhfuil fanntais air, tugtar gaoth dho: aer chun a anáile do tharrac. Níl aon ghaoth gem phíp, ní féidir liom í d’ól, réidhteóchad an chos aice: níl sraoth aice: tá rud ag cosc an ghail. Punannacha coirce a’s a dtóin lé gaoithe: n-a bheartaibh a’s an bun thíos i dtreó na gaoithe. Bhraitheas múchta sa tigh lé beirbhthean an lae a’s chuadhas amach fén ngaoith: fén aer: ar an mbán. Má tá cion ar t’anam agat ná seóladh aon ghaoth ’n-a threó thu, nó beidh t’anam aige: ná bíodh sé den mhío-ádh ort. D’imthigh sé tharm gan aon dul ar chongbháil suas agam leis, ar nós na gaoithe: rómhear: árd-luath. Bod gaoithe: an seabhac buidhe. Dhá bhád ag rás le chéile, ceann aca i mbun na gaoithe ar an gceann eile: níos sia i dtreó na gaoithe. “Binn ós Gaoith”: ainm binne in aice Dhaingin Uí Chúise, lé n-a haoirde. Sheólamair go suairc, sásta cómh-shnáthach lé boladh gaoithe aniar: siolla bog, seólta. Dá dtagadh aon ghaoth ó Dhia go bhféadfainn fiacha na mbróg do thuilleamh: cao déanta ruda éigin. Níor fágadh slat ná crann ’n-a sheasamh le anfadh gaoithe: stoirm uathbhásach. Gaoth ná grian ní réidhteóchadh leat: borb-aimsir ná ciúnas. Cuir cor id sheól go tapaidh nó déanfaidh an madra gaoithe sin béal do bháid do bhualadh fé: siolla láidir, fiadhain. Tugaimís gaoth don soitheach so: osclaimís é. Leóithne gaoithe: éadtrom chun seóil. Scallaidhe gaoithe: siollaidhe teanna, obanna. Scríob ghaoithe: stoirm. Feóchan gaoithe: a thagas obann teann anois agus airís. Briota gaoithe: éadtrom mín. Cóch gaoithe: obann, teann gan bheith leathan ná fairsing. Méabhán gaoithe: éadtrom mar bheadh sa tsamhradh. Saotrún gaoithe: éadtrom, fionnfhuar ón bhfarraige. roimis an ngaoith: ag seóladh fairsing. Dá

fheabhas do bhíos d'iarraidh me féin do chosaint air, tháinig sé sa ghaoith orm: fuair sé an lá orm lé gliocas nó camasghail. Dhá dtrian gaoithe lé beannaibh: an aoirde bheireann ar an méid sin di. Is beag an ghaoth ná lúbfadh tráithnín: is furaiste cur chun (nó dochar do dhéanamh do) rud a bhíos lag. "An ghaoth adtuaidh bíonn sí fuar a's cuireann sí fuacht ar dhaoinibh/ an ghaoth andeas bíonn sí tais a's cuireann sí an rath ar shíoltaibh/ an ghaoth aniar bíonn sí fial a's cuireann sí iasc i líontaibh/ an ghaoth anoir bíonn sí tirim a's cuireann sí sioc ist oidhche": gnéithe a bhaineas léi. Leis an bhfuinneamh do bhí leis an gcloich bhain sí gaoth dem chluais: corruigheadh chómh grod san an t-aer gur dhein sé glór caol, géar. Gaoth do chríonnuigheann: a bhaineas an dath ceart den bhfás. Nuair bhíonn árd-réim fé dhuine a's é ag dul thar cailc, deirtear leis, "fan go fóill", ars an ghaoth: tiocfaidh mo lá-sa fós a's cuirfead deireadh leis seo. Is treise gaoth ná grian: d'fhuilngeóchadh duine mórán teasa ach caitheann duine é féin do sheachtaint ar an bhfuacht a leanas an gála: bíonn an roth ag casadh. Téigheann lé gaoith ach téigheann an buille go cnámh: ní haon nidh bagairt go dtagann 'n-a bhruighin. Cuirtear gaoth sa lamhnán: líontar d'aer é. An ghaoth a bhí adtuaidh lé seachtmhain roime sin shín sí siar i rith na hoidhche: d'atharruigh treó.

gaothach: *a.* go ngaoith, maoidhteach, bladhmanach. Dá gcuireadh sé uaidh an chainnt ghaothach a's rud éigin do dhéanamh: gníomh in ionad bladhmain.

gaothaire: *f.4.* bladhgaire, maoidhteóir, gléas chun aoir mhúchta, mharbh do tharrac amach a's aer folláin, anamamhail do scaoileadh isteach. Déanfaidh bró pollta sa bhfalla gaothaire don seómra: leigfidh amach aer múchta agus aer folláin isteach. Mara mbeadh gaothaire bheith in áit éigin san lamhnán ní bheadh sé ag dul i ndísc (ag trághadh): poillín go bhfuil an ghaoth ag éalódh. Is éigean gaothaire do bheith i meidir chun na gaoithe do leigeant aiste: poillín. Gaothaire gur cuma leis ach bheith ag cainnt 'sag maoidheamh: bladhgaire.

gaothmhar: *a.* gaothach, fiadhain, borb-gharbh: bladhgarach, brúchtach. Aimsir ró-ghaothmhar ná fágann gas ná bláth os chionn talmhan: fuaduightheach: neart mór lé corruighe an aoir. Tigh ar árdán bíonn gaothmhar: siolla aoir i gcómhnaidhe ann. Dhéanfadh sé na huirc a's na hairc ar a bhéal, an breallán gaothmhar a's gan aon mhaith 'n-a dhiaidh san ann: an t-amadán bladhgarach: focail mhóra a's mogail fholamha aige. Tréis bídh, mar ná fuil a ghoile i gceart, bíonn sé gaothmhar laistigh: brúchtghail air.

gaothmhaireacht: *b.3.* brúchtacht goile: mórchorruightheacht aoir. Níor bh'fhuraiste an bád do choimeád in ionannas lé gaothmhaireacht an lae: neart gaoithe ghá corruighe sall a's anall. Tá an áit ró-chluthair, is fearr fhásfadh rudaidhe ann dá mbeadh breis ghaothmhaireachta aige: dá mbeadh breis de chorruighe an aoir ag gabháil fé: "breis anála" aige. Bíonn gaothmhaireacht n-a ghoile tréis bídh áirighthe ná réidhtigheann leis d'itheadh: bailiughadh aoir a bhíos ag brúchtghail.

gaothraighil: *b.3.* (*-raghla*) mórchainnt árdghlórach, crothadh agus luascadh. Chuala an ghaothraighil istigh eatartha, ach ní fhéadfainn choidhche a dhéanamh amach cad a bhí ar siubhal aca leis an ngeóin go léir: fuarmáil chainnte: gach aonne dá raibh ann a's a ghlam féin aige. Ghaibh long feighle linn an bealach suas indé a's a dhá bratach ar gaothraighil:

ag crothadh go luaimneach lé gaoith. Níor bh'fhearra dhuit bheith ag gaothraighil orm-sa rud a dhéanamh ná teastuigheann uaim 'ná bheith it thost mar ná meádhann cainnt faic liom: ag glamghail chun mo bhrostuighthe.

gaoth-ruagadh: *f.* (*-gtha*) fuadach nó scuabadh gaoithe: scaipeadh: gála dearg. Tháinig cuid aca isteach go Corcaigh, go Gaillimh, a's go Luimneach, nár mhór an gaoth-ruagadh do deineadh ar an luingeas iascaigh: scaipeadh i dtreónnaibh deifreacha. Tamhas ná tuairisc mo bhairéid ní bhfuaireas ón oidhche fhiadhain do fuair sé gaoth-ruagadh dem mhullach gur imthigh díom mar an cleite: fuadach. Féach an ghainnimh dhá shéideadh den dtráigh isteach fén dtalamh leis an ngaoth-ruagadh: gála cuthaigh. Gaoth-ruagadh ar do chuid (drochghuidhe): fán a's leigheadh go dtí ar do mhaoin.

gaothrughadh: *f.* do thabhairt gaoithe nó aoir do. Níor mhór an seómra múchta san do ghaothrughadh tá boladh tais uaidh sara mbeadh sé sláinteamhail aonne do chodailt ann: aer do leigeant ann trí phollaibh nó séibibh. An oiread san brothaill a's saothair orm ge teas a's múchtacht an lae gur chaitheas bheith ghom ghaothrughadh féin lé criosúir póca: sruth aoir do chorruighe ar m'aghaidh. Lé n-a thoirt a's lé n-a bheathuightheacht san aimsir the níor mhór don aindiseóir suidhe idir dhá lidhe an dorais ghá ghaothrughadh féin: ghá chongbháil fionnfhuar sa tsiolla beag gaoithe a thairngeadh an doras.

gaothruighim: *b.a.* tugaim gaoth nó aer do: fionnfhuaraim. Imthigh amach fén spéir a's gaothruigh thu féin, táir múchta istigh sa pholl san: glac an t-aer. Gaothruigheadh an tigh nuair oscladh poll i bhfalla gach seómra: cuireadh sa tslighe é a's gur bh'fhéidir leis an aer gabháil isteach 'samach gan bac.

gar: *f.1.* aice, athchomaire(acht), tairbhe, bail, áis, feidhm, comaoin. Budh mhór an gar do dhaoinibh i mbliadhain seo an chogaidh barraidhe maithe do bheith aca, ní bheadh ortha an oiread do cheannach: an bhail: an tairbhe. Ar na cómharthaidhthibh do thug sé dhom dhéarfainn go mbeinn i ngar don mball anois: in aice dho. Budh mhaith an bhail ort é a's ní fios cad dhéanfá mara mbeadh an méid gar atá déanta agam ort, ní huair ná dhá uair do thugas greim lé n-itheadh dhuit ná do chuireas stoca a's bróg ar do chois: na maitheasaidhe: na comaoinidhe. I ngar ná i ngaobhar do bheith chómh maith d'fhear leat níl sé: in aice. Cad é an gar d'aonne bheith ag achrann, cad bhíonn buaidhte leis?: tairbhe: cur chun cinn. Ar an ndrochchlódh atá air tá an bás i ngar do: buailte leis. Is mór go léir an gar siopa do bheith i mbéal an dorais: áis: saoradh ar dhuadh. An uile ghar chócaireachta a's bheirbhiucháin cuireadh isteach sa tigh: úirlisidhe, áraistidhe acraidhe. Níl sé de ghar aige orm in aoirde ná i dtéagar: brabúch: buntáiste.

garamhail: *a.* áiseamhail, caothamhail, tairbheach, comaoineach: cúláisteach. Tóg as an slighe na leabhartha so uaim, buail in áit gharamhail iad ná beid ag déanamh ciotaighe: cúláisteach: áit a thugas fuascailt ar chonstaic. Na cúl-chisteanacha atá dhá dtógaint fén dtuaith fé láthair táid árd-gharamhail chun corcán, etc., do chur i bhfeiste ionta: áiseamhail: caothamhail ar bhreis slighe do thabhairt. Nár gharamhail uaidh anois dul as a shlighe chun san do dhéanamh dom: comaoineach: maitheasach.

garascáil: (**gráscáil**) *b.3.* cur thar riocht: ró-theannadh, strus. Thárlaidh an iomarca grascála dho 'n-a óige, a's gan é ró-láidir, ag síor-dhubh-obair, gur bhris ar a shláinte: an iomad strusa. Téad ró-lag, long ró-throm di, ní sheasóchaidh an gharascáil: an strus: cur na téide thar a riocht. Saighdiúiridhe ag tuiteam i gceann i gcos lé tuirse a's laige tréis grascála chatha na dtrí seachtmhaine seo caithte i bhFlóndras: an ghoilleamhaint chuirp a's inntine atá beartha trí an iomad teannais a's duaidh. Garascáil an anama dul go mullach an chnuic ghéir, achrannaigh sin: duadh thar barr.

garbh: *a.* neamhmín, neamhshleamhain, neamhmiochair, borb, callánach, árd-ghlórach, scrothamhail, mór, teann-láidir. Iasc garbh: mór, mar longa, turasc, colamóir etc. [iasc mion: scadán, maircréal, cnúdán etc.] Budh ghairbhe go mór d'fhear é 'ná me, bhí dhá órdlach ar aoirde aige orm, a's budh théagartha go mór é: budh mhó an scrothaidheacht a bhí ann. Is gairbhe na cnámha a bhíos fé chapall ná fé ráin-each: is sia a's is téagartha iad. Cósta ró-gharbh atá tímcheall annso chun bád mór do shaoradh ann: lán de charraigeachaibh a's ceal calaidhe sábhálta ann. Isteach in aon tigh níor chóir iad do leigeant, táid ró-gharbh, ní bhíonn uatha ach troid a's achrann: neamhmacánta. Truagh ná fuil beagán talmhan garbha ag baint leis an bhfaghá ltas san agat budh mhaith an earra do stoc sa gheimhridh: talamh go mbíonn aiteann, mionfhraoch a's féar láidir ann go mórmhór i mbun cnuic. Choidhche ní fhéadfadh sé bheith 'n-a chainnteóir mhaith, labhrann sé ró-gharbh: guth láidir a ghoillfeadh ar an gclos agat. Níor mhaith dhuit bheith ag éisteacht leis ar an mbéal garbh atá air: neambanamhail. Aimsir lán-gharbh chun farraige í seo: gaoth a's tonnaidheacha móra ann. Ná bac san, aimsir gharbh thirim seadh í: láidir i ngaoith gan bheith díoghbhálach. Bóthar garbh féd chois go raibh an ghnáiste 'n-a clochaibh reatha: neamhmín. An té a shiubhalas meileann mín agus garbh: gaibheann trí shógh a's anródh: gheibheann sé taithighe ceart ar an saoghal a's ar na daoinibh ann. Níl sí aige mín ná garbh mar seo ná mar siúd. Tá do líon ró-gharbh don iasc mhion atá ar siubhal: an mogall ró-mhór. An biadh garbh a gheibheadh sé, iasc guirt, prátaidhe, bainne géar, arán mine, etc. ní réidhtigheadh leis toisc gan a thaithighe air: ná raibh sóghalaistidhe ar bith air.

garbh-: *r-mh.* mór, téagartha, toirteamhail, neamhmín, fiadhain. An gharbh-aimsir seo ón bhfarraige ní maith í chun éisc: gaoth a's suathadh ar muir. B'é an fear budh gharbh-chnámhaighe dár leagas mo shúil riamh air, creachailidhe cos fé a's garmaidhe géag: toirteamhail. Brat góirínidhe tríd amach nách air atá an garbh-dhreach, deirtear gurb é an t-ólachán is bun leis: níl snas sleamhain ar a aghaidh. A bpus ní chuirfeadh na ba ar an ngarbh-fhás atá sa dígeachaibh: rascalach: féar a's uile atá éirghthe go borb neamhmilis. Buachaill garbh-ghéagach ní hiongadh dho bheith go maith ar chleasaibh lúth: géaga fada, láidre fé. An garbh-ghlór do chuir sé as nuair iarras iasacht fiche púnt air, béic a thóg os cionn talmhan me: guth láidir, bhagarthach. Cé go dtaithneóchadh a lithéid leis a's an gharbh-inntin atá aige, gan focal ag sceinneadh ó n-a bhéal ach gáirseamhlacht: inntin thruaillighthe. In aon chuideachtain leis ní fhanfadh neach go mbeadh aon mheas aige air féin tá sé chómh garbh-labhartha san: borb: gur cuma leis déistinn do chur ar dhuine nó gan. Ná leig do a chrúcaidhe do chur ann nó béarfaidh sé a fhurmhór leis, an duine garbh-mhámach san: crobhanna móra a thógfadh áidhbhéil. Garbh-nidh riamh ní dubhairt ná ní dhearna ar aonne: gníomh ná focal a ghoillfeadh ar dhuine. Léan air mar fhear, níl aon chabhail aige ach é do bheith garbh-loirgneach: cosa móra, fada fé. Masla

chun do gharbh-phuis, maran ort atá an teallaireacht: béal tútach. Dréir cunntas tá an garbh-ruthar ag an nGearmáin dhá chur ar chómhacht Shasana ar an láthair: teicheadh, scaipeadh a's ár gráineamhail. Cuir uaim do gharbh-shúil, féach níos tláithe orm, cad é do chúis orm?: sileadh neamhgheanamhail súl. Garbh-thubaiste ort, is maith agus is fada atá an treascairt sin tuillte agat: mío-ádh uathbhásach. B'fhiadhain na fir iad, an garbh-úrla anuas go guailnibh ar nós na ruaimnighe ortha: folt láidir: mar bheadh guairidhe. Garbh-iarracht do thugas ar an alt úd a iarrais orm do scríobh duit: níor thugas m'inntin mar budh cheart air.

garbhach: *b.2.* rascalach bídh: tomhaltas ná beadh aon rud so-bhlasta air. D'íosfadh siad an gharbhach tá oiread san misnigh aca: biadh fiadhain, láidir.

garbhadas: *f.1.* droch-aimsir chómhnaidhtheach, neamhmine, toirt. Lé déidheannaighe nuair fuair sé an chóir mhaith agus an suaimhneas tá ag dul i ngarbhadas agus an mheathalacht ghá fhágaint: ag eascar: ag dul i dtoirt a's i neart. Toisc garbhadas na Lochlainne budh dheacair, dhochrach do lucht cogaidh mórán talmhan do chur díobh lé n-a gcuid armála: uachtar cnapach, árdánach, ísleánach, carraigeach. Garbhadas an éisc budh bhun lé gan é do mhogallughadh sa líontaibh miona: toirt: méid. Ní tháinig an fás ceart fé aon nidh lé garbhadas na haimsire: fiadhantas gaothmhar.

garbhóg: *b.2.* cloch thoirteamhail. Chromadar ag tabhairt na ngarbhóg dá chéile, gur ghearradar a's gur laiteadar a chéile: ag caitheamh "púinsiún" cloch. Garbhóg mná gan béas: bean mhór thútach, thuathalach. Cuireadh garbhóga lastuas de as an mbaile: cuireadh an ruaig air.

garbhógach: *a.* clochach. Cladach garbhógach gur dheacair bád do bhualadh ann gan chonntabhairt: clocha móra aindeise nár bh'fhuraiste do chorruighe.

garbhuaic: *b.2.* mearughadh, mearbhall: trí chéile: meargó: gruaim. Leig do ar a chraodó, ná cuir aon gharbhuaic air, mar ní ró-mhaith an dóighchín dá gcuirtí spuaic air trí fhocal ná gníomh: gruaim. Duine sochma ná cuirfeadh tinneas ná buaidhreamh aon gharbhuaic sa tsaoghal air, gur dhóigh leat air go mbeadh gach nidh ag teacht ar a thoil chuige: corruighe nó suathadh aigne. Féach ar an mbóchna ag réabadh 'sag stialladh 'sag béicigh, is uirthe atá an gharbhuaic: suathadh áidhbhéil: buile. Ar bhfeicsint na ndaoine in aon díorma ag sáthadh 'sag cúladh d'aithnigheas ar an dtoirt go raibh garbhuaic éigin ann: suathadh: dul trí chéile: rud éigin i dtreis a bheir dóibh do bheith mar sin.

garbhuaiceach: *a.* gruamdha; coimhtheach; fé mheargó, calánach, garbhfhiadhain, tuaisceartach, gleódhach. Chaith an táirbhneóir amach muinntir bhun an chnuic le heagla go ndéanfaidís fód catha dá thigh, bhíodar chómh garbhuaiceach san ag screadaigh 'sag bagairt: calánach, tuaisceartach ar barrghal troda. An t-airgead a bhí i bhfeidhm gnótha thar lear aige is eagal leis anois go gcaillfidh toisc an chogaidh a's tá sé go garbhuaiceach ná labhrann lé neach: coimhtheach: gruamdha: neamhchainnteach trí n-a dhochar. Bhailigh na boicht go garbhuaiceach tímcheall thighe feise na tíre, ag béicigh, ag déanamh buaidhrimh 'sag screadaigh ar ghreim lé n-itheadh: suaidhte, calánach:

gleódhach. Tá rud éigin ag cur indiugh air, níl focal lé caitheamh leis an madra aige, cuma an-gharbhuaiceach air: gruamdha, dolbach, míoshásta: coimhtheach.

garbhuighim: *b.a. 7 n-a.* tugaim cuma gharbh, mhíréidh, mhothalach ar; téighim i méid, i dtoirt; eascraim. Fear breágh, agus sin é féin a ainm, ag déanamh de lé déidheannaighe, gharbhuigh sé go hiongtach: bhorr a's d'fhás go mór. Mo chomhairle dhuit fanacht ón muir indiugh, garbhóchaidh an lá: tiocfaidh atharrughadh olc ar an bhfarraige. Garbhuigh an chloch léd shuiséal seadh is fearr do thaidhbhseóchaidh sí: bain manntaidhe beaga as a haghaidh annso a's annsúd. Ar thabhairt don mhadra fén gcat gharbhuigh an clúmh ar a mhuineál: d'éirigh a chochall. Dá bhfágtha an breaicín sin san abhainn gharbhóchadh sé idir seo agus an bhliadhain seo chughainn: mhéadochadh sé. Cad gharbhuigh indiugh thu?: b'annamh leat-sa, mhuis, aon mheargó bheith ort: cad chuir as duit?: cad d'éirigh an cochall agat?: cad do dhein goirgeach thu?

gárda: *f.4.* cosantóir, fear fartha, fear coimeádta, feighil, ealadha chosanta buillidhe i ndórnáil: fuireann anacla ar chonntabhairt, briseadh dlighe, etc., fiann-dún: cosaint adhmaid ar thrucaill os chionn na roth. Cuirtear gárdaidhe ar thrucaill nuair bhíonn ualach mar féar innte. Cuireadh gárda iarainn ar an bhfuinneóig chun ná luighfeadh aonne 'n-a coinne a's í do bhriseadh: cosaint. Sé an gort gan gárda é, é béal anáirde do gach ainmhidhe fáin do gheobhadh an treó. Bí ar do ghárda!: seachain: táthar chughat. Sluagh garbhuaiceach seadh iad nár mhór duit bheith ar do ghárda rómpa, nách fios ón uain go dtín uair cathain lasfaidís chughat: ar t'aire go maith. Ní raibh aonne ag dul isteach 'on bhaile do chuirfeadh an ball air, bhí gárda ar eólas gen mbuachaill: ealadha a chosanta lé n-a dhóirnibh. Bíonn gárda ar dhá thaobh lín chun beartha ar iasc .i. mogall mór agus líon mion i lár, beireann an t-iasc an snáthach mion ar a cheann leis tríd an ngárda agus ceangaltar go docht é. Bíonn ár bhfeighlidhthe mara ag seasamh gárda de ló a's d'oidhche: iad ag faire uatha. An Gárda Síothchána.

gárdáil: *b.3.* cosaint, do chosaint. Bíonn sé ghá ghárdáil féin ar an ndigh ach tá an dúil mhairbh aige ann a's ní éirigheann leis: d'iarraidh fanacht uaidh. Staighre gan aon ghárdáil: gan ráil chosanta leis. Claidhe mór mar ghárdáil ón ngaoith ar an iothlainn: chun na gaoithe do chosc uirthe.

gárdálaim: (**gárdaim**) *b.a.* cosnaim, díonaim, fairim. Gárdáil tu féin!: cosain tú féin léd dhóirnibh. Cad ghárdálfaidh an fharraige ar na báid fé thuinn seo?: choingeóbhaidh iad gan dul ag scrios uirthe. Go ngárdálaidh Dia sinn ar chogadh na bpiléar: go gcoimeádaidh uainn iad. Gárdáil an doras ortha: ná leig tríd iad. Ní ghárdálfá faic!: leigfeá gach rud thart gur mhian leis.

gárdamhail: *a.* cosanta, cosantamhail. Caithfear cóiriughadh gárdamhail do dhéanamh go luath chun na namhad do chongbháil amach as an dtír: rud éigin dídeanach. Chídhim trí bolltaidhe agus glas ar do dhoras, tá sé gárdamhail go leór: go leór daingnighthe air.

garg: *a.* borb, cruadh-dhálach, géar-shearbh, fíochmhar. Beathuisce garg a dhóghfadh an scórnach ag gabháil síos agat: loiscightheach: géarstracuightheach. Bíonn sé an-gharg leis na leanbhaidhibh ar scoil, bíd ar crith n-a gcroiceann roimis nuair bhéiceann ortha: borb,

neamhtheadhlach. Meacan an-gharg seadh oinniún, dhóghfadh do charbhal a's chuirfeadh uisce léd shúilibh: géar-the. Budh gharg an ghníomh do na ba a's a raibh ar an dtalamh do thógaint ós na díleachtaidhthibh bochta, óga: do-chroidheach: neamhchraoscalach. Chaith sé carbhall garg léi a chuir buile uirthe: canamhain nó cainnt míbhéasamhail: neamhfhearamhail. Budh neamhthruaighmhéileach iad ag gabháil de bhuillidhibh gargacha ar a chéile: buillidhe ná raibh taise ar bith ag baint leó. Brathann sé a scórnach garg, nách féidir leis aonnidh puinn do shlogadh gan tinneas: leóchaileach: íogair.

garg-: *r-mh.* géar, gearrthach, searbh. Treibh garg-análach seadh na diabhail ó bheith ag itheadh gáirleóige, ní fhéadfadh dul 'n-a ngaobhar, leagfadh gal a ngoile thu!: boladh láidir uatha. Toisc é bheith chómh garg-bhriathrach níor mhaith lé haonne cuireadh labhartha poiblidhe do thabhairt do, níor bh'fhios cathain ghluaisfeadh tuile masla a's tarcuisne uaidh: béal-láidir: iomcháinteach. Ameasc ban an éisc a's na dtorthaidhe do dhíol do chloisfeá an gharg-chainnt nár bh'fhearrde aonne bheadh ag cóstáil leó: cainnt gan béas gan modhamhlacht. Garg-ghníomh gan leathscéal seadh bráigheanna do chur chun báis: gníomh nó beart ghráineamhail. Garg-óinseach ná leigeann do neach: báirseach.

gargacht: *b.3.* fíochmhaireacht, géire (blas), déine, cruadhálacht, seirbhe: goirgeacht. Ná deirim leat ná féadfainn é do leigeant siar lé n-a ghargacht, loisceann sé mo scórnach síos go putóig: géire. An ghargacht do thugadar do, ghá chrádh, ag giobaireacht air, ghá cheistiughadh, é ar arán a's uisce aca: an déanamh céasta, goirgeach gur bhaineadar sásamh as. Ghaibh gargacht na haimsire go cnámh tríom – sneachtadh, báisteach a's síorfhuacht: fíochmhaireacht: géirdeal: dian-ghéire. Is mó do ghoill gargacht a cainnte orm ná aon droichdhéanamh eile do fuaireas: boirbeacht thoilteanamhail chun me do mhaslughadh. An iomad gargachta sa hubhallaibh sin chun a n-ithte ach a mbácáil: seirbhe: géire.

gargartha: *a. n-dh.* searbh, géar, neamhmín. Fágann sé níos gargartha é gan siúicre do chur air: níos géire blas. An beathuisce gargartha dhéanfadh poll i gcloich dhuit!: géar-the: cealgamhail. Nuair bhíos gargartha aige ar an gcuma úd lé n-a chuid tarcuisne ní fhéadfainn foidhneamh a thuilleadh leis: gonta, giobtha, goirtighthe.

gargtha: *a.* goirgeach, gonta, goirtighthe, amh. Seachain me, táir ghom chéasadh, tá an fheóil gargtha ó bheith ag giobadh uirthe: tinn, leóchaileach. Cneadh ró-ghargtha seadh í is níor bh'fhearrde í do lannsáil, b'fheárr go mór fobhairt do chur léi go n-imthigheadh an t-at a's an teas: cneadh atuighthe tairtfheóla. A scórnach gargtha ó bheith ag ól beathuisce: an t-uachtar-sceó imthighthe dhi lé teas a's síorghoilleamhaint.

garguighim: *b.a.* giobaim, goirtighim, gonaim, cealgaim. Ó bheith d'iarraidh an deilg do bhaint amach lé biorán garguigheadh an fheóil: deineadh spóla dearg, leóchaileach di. Ná garguigh me le cainnt ná taithnigheann liom: ná goin me. Ghargóchadh an fear san an saoghal mór lé n-a ghleódhtháil gan éifeacht, fruis frais chainnte aige: chiapfadh. Garguigheann sé bheith ag argóint leis a's lasann: giobann: tógann é.

gargughadh: *f.* (*-ughthe*) giobadh, ciapadh, cealgadh, gonadh, searbhadh. Beidh an bhláthach ag gargughadh ó ló go ló: ag searbhadh. Faic ní dheineann an fainge sin sa tigh ach ghom ghargughadh lé n-a breilléis i dtaobh rinnce a's ag teacht treasna ar gach cor: ghom chealgadh. Fiche uair dubharthas leó stad, ach ag gargughadh leó do bhíodar, ag cainnt 'sag sciothghail ná cloisfeá ceól ná amhrán aca: ag ciapadh na ndaoine gur mhian leó éisteacht.

gárlach: *f.1.* leanbh ar dhroch-aiste, leanbh guil a's buaidhrimh a's gearáin, leanbh toghartha. Is óg do fágadh ge n-a máthair 'n-a dtriúr gárlach iad: tréis bháis a n-athar: neamhchongantach: gan déanamh a gcoda ionta. Tabhair rud don ngárlach a's tiocfaidh airís: bí boigéiseach lé naoidheanán a's pé rud a gheibheann is maith leis béas do dhéanamh de. Ní rabhais ach id ghárlach dhearg an uair sin a's caith uaim é ní fhéadfadh cuimhne bheith agat air: leainbhín óg. Táir cosamhail le gárlach, thuthaire, lán de mhiangas: ag síor-lorg a's ag gearán. Budh bheag an meas a bhí aige air féin í do chur amugha a's í féin 'sa ghárlach do shéanadh: leanbh toghartha. Is fada cuimhne sean-ghárlaigh: duine go mbíonn cuid mhór dá aos tugtha a's a bhí riamh cabanta ní dheineann dearmhad ar nidhthibh go ró-bhog.

garma: *f.4.* sail, bíoma, taobhán. Garma figheadóra: sail an tseóil. Nách í an garma mná í: bean scrothamhail, chnámhach. Déanfaidh sé áirdfhear a's na garmaidhe géag atá fé: fada, láidir, slachtmhar.

garr: *f.1.* otrach, mort nó cac sa phutóig: othar, trufais, muirt. Fear gan mhaith seadh thu, dá mhéid toirt atá ionat, níl ionat ach garr: bithbhrigh gan mhaith. Chuir sé an scian go fuire ann a's tháinig garr a phutóg amach: otrach: a raibh de thrufais istigh ann. Bheith ag gabháil air gur dhein sé garr de: laoch bog. Tiocfaidh an lá fós, cé go bhfuilir in uachtar indiugh, go mbainfead-sa garr asat: tabharfad do trosáilt duit: gheóbhad lán do shaic ort: claoidhfead ar mo thoil thu. Bhain cruadhtan an lae indiugh an garr asam: a raibh bog ionam: b'é breis a's mo dhóthain cúraim gabháil tríd. Tá an garr ag an Almáin dhá bhaint as sluaightibh tosca Shasana sa Bheilg, iad ag teicheadh abhaile uatha a n-armáil 'sa lón cogaidh dhá thréigean aca: an smuirt: an oiread san tuargana a's smísteála dhá thabhairt dóibh go bhfuilid tnachta, traochta.

garradh: *f.* deabhadh, deithneas. Leis an ngarradh a bhí air chun beartha ar an dtraen dhearmhad sé fiacha an tuicéid: deabhadh a's imshníomh. Cuireann an deireannaighe a's a bhfuil lé déanamh agam garradh orm: imshníomh ná bead réidh in am.

garrdha: (**garradha**) *f.4.* goirtín le hais tighe lé haghaidh glasraidhe: iothla: cearnóg mar thairngeófá n-a dhréachtán. Éadach go bhfuil garraidhthe ann: é roinnte dréir dath 'n-a mhionchearnógaibh. Fan id gharrdha féin: it ionad féin: ná bí ag cómhgarach ar aonne eile. Níl sop 'n-a gharrdha: níl foráiste 'n-a iothlainn. Garraidhthe an choirce: guirt bheag go mbíodh coirce ionta curtha. An garrdha gabhainn: an póna: an tuar. Tá an Almáin ag déanamh garraidhthe trí n-a namhaid: ag gabháil tríthe go mion i ngach treó mar chídhfeá cladhthacha gort.

garsún: *f.1.* leanbh fireann ó aois a bheartha go haois a oirfirte, aosánach. Aon lá is maith leat é má tá meas fir agat ort féin mise an garsún duit: do chómh: fear a thabharfas tástáil ar do ghéagaibh duit. B'éigean dom garsún d'fhagháil toisc breis mo chod oibre: buachaill aimsire. "Seachain tu féin!" – "seachain féin tú féin, nách me an garsún agat!": an dóigh leat ná fuil aon mheabhraidheacht agam seachas mar bheadh ag duine ná beadh a aois tagtha. Garsúin an pharóiste .i. ógánaigh.

gart: *f.1.* méiscre, scoilt. Mo lámha lán de ghartaibh ón sioc, tá oighear ortha: méiscridhe: an croiceann briste 'n-a shíogaidhibh. An talamh 'n-a bhalc chruaidh ón dtriomach, cnagtha 'n-a ghartaibh: scoilteachaibh.

gartha: *a.r.* cúmtha, córach, deaghtharraichthe. Aghaidh chómh gartha a's bhí ar mhnaoi riamh: cruthamhail: sciamhach: gach cuid di in ionannas thairngthe. Buillidhe gartha dhá thabhairt aca ná raibh ceann aca ag dul amugha: tómhaiste, fuinneamhail. Sin ceist ghartha anois ort, cad is bun le teacht a's imtheacht na taoide?: géar: eólgaiseach.

gartach: (**gortach**) *a.* sprionnlaithe, cruinn: beagmhaitheach: coimeádtach ar chuid. Rud gartach nár thug riamh i ndéirc ná i gcarthanacht a's ná feicfeadh a chroidhe dá mbeadh sé ar a bhais aige: cníopach, coigilteach: leasc scaramhaint lé cuid dhuine féin chun maitheasa dhuine eile. Rinne sé go gartach orm é, gan cuireadh chun buird do thabhairt, é ag itheadh a's a fhios aige go rabhas ag siolagar: sprionnlaithe: suarach, cinnte. Féach a bhfuaireas ar mo phúnt, nách gartach do bhítheas fém dtómhas: cumhang-chroidheach: lom: brabúbach. Aon rud a bhíos ar siubhal sa tigh seo bítear gartach liom 'n-a thaobh, cuid mhór aca a's an chuid bheag agam-sa: coimeádtach air uaim. B'é budh ghartaighe do rugadh riamh, a bhéal níor oscail ag fiafraighe an raibh easbhaidh ar dhuine ná a lámh níor shín riamh i dtabhairt: cruadhasach: bocht-chroidheach. "Chómh gartach ná tabharfadh a chac dos na gadhair": coimeádtach air sin féin.

gárthach: *b.2.* béiceach, callán, mórghlór. Gárthach an domhain a bhí ar an sluagh nuair chonnacadar capall an cheanntair ag teacht isteach ar tosach, gach aon liúgh aca, a's léim, a's a mbairéid dhá chaitheamh san aer: gleódh lé háthas. Beidh gárthach ar fuaid na háite ag lorg plúir más rud é go dtéigheann: gleódh a's calán ag lorg go fiadhain. [Fic 'gáirfeach' asail mar a bhfuil fuaim shrónach ag "á" mar tá "á" sa bhfocal "snámh".] Beidh gárthach agat im dhiaidh-se mara bhfanair socair: beir ag gol le buadhairt.

gárthaghail: *b.3.* béiceach, scartghail: liúghadh, éigheamh. An sluagh go léir ag gárthaghail air suidhe, ach bhí sé chómh ceanndáine, coingheallach san ná féadfadh faoidhfreach ná feadghail é do chosc: ag glaodhach go hárd a's go géar. Sé a síneadh i bhfad ó bhaile in áit ná raibh gárthaghail a ghaol ná a chómhgais os chionn a chuirp: olagón ná caoineadh. Is duit nách iongadh bheith ag gárthaghail tú ar do thoil féin a's ní mar daoine eile: ag béicigh: ag cur asat go glórach lé lúthgháir. Gárthaghail mhór ag leanbhaidhibh scoile le linn súgraidh: gleódh. Gárthaghail is mó atá agat, ní feacthas riamh beart id dhiaidh: cainnt in ionad gnímh. Mara raibh gárthaghail againn fé ní lá fós é, nuair thuit sé san abhainn: gáiridhe geala a's cleith-mhagadh.

gas: *f.1.* cos plannda, aosánach, beanngán, faraire, donán nó duine dearóil. A dhrom chómh lag go lúbfadh leat ar nós an ghais: an-lag. Na gais ag iadhamh na gclas: chómh flúirseach, trom san go mbíd ar cothrom leis na gasaibh ar dhrom an iomaire: 'n-a slamán: 'n-a slaodaibh. Ní bainfear gas ambliadhna: ní bheidh aon toradh fútha. Gas chómh maith, chómh galánta a's fuair bainne cích riamh: ógánach. Gas ró-úr é seo fós chun nirt ná mór-mhaitheasa do bheith ann: ógánach ná fuil i ngaobhar do bheith fásta. Níl faic fén ngas fós: níl prátaidhe reamhar a ndóthain lé baint.

gasradh: *b.2.* buidhean, díorma, scata. Gasradh againn bailighthe lé chéile ar thaobh an bhóthair chun rinnce ó gach ball den gceanntar: comhthalán: scata mór. Gasradh nár mhór duit chun na carraige móire sin d'iompódh: meitheal: cuid mhór. Ní dá ngasradh in ao'chor me, táim im uath liom féin: dá gcamplacht: dá mbuidhin. Ar feadh seachtmhaine anois tá Sluaighte Tosca Shasana ag filleadh abhaile 'n-a ngasraidhibh donuighthe, bascuighthe, tnachta, traochta: díormaidhe: buidheanta. Bíodh gasradh olacháin againn: cuideachta cuibheasach iomadamhail. Ní gábhadh dhom ach féachaint oraibh nuair nár ghasradh liom sibh: nár mhian luighe libh. Tagann na heitealláin phléascán 'n-a ngasraidhibh os cionn a namhad mar bheadh scata éan: líon mór díobh i bhfóireamh a chéile. Budh dhóigh leat air gur bh'fhearr é ná gasradh: bíonn maoidheamh aige as féin.

gasta: *a.* néata, baileach, slachtmhar, córach, snasta, greanta, aicillidhe, glic, cruinn, neamhliobarnach. Bean ghasta tímcheall tighe, ná leigeann faic ar bóiléagar uaithi ach iad go cruinn aice 'n-a n-ionad féin: baileach, críochnamhail. Fear báide (báire) an-ghasta é, is deacair an pheil do chur isteach air: cliste: cruinn: neamhliobarnach. Labhair go gasta leó, i slighe a's go gcuirir 'n-a luighe ortha go bhfuilir i ngábhadh a's tá dul ná heiteóchadh thu: cliste, cúthail, cuibhe. Is maith gasta ataoi gléasta, éadach glan, galánta ort a's tu pioctha, giobtha: néata: ar shlighe a thaithnigheas leis an súil: so-amhairc. Budh bhreágh leat amharc ortha ag cur na slighe díobh, is gasta an chéim atá aca: pras, deaghghluaiste: seólta: canta. Ramhaidh go gasta a's ná bí ag breith ar mhaididhibh eile: go neamhliobarnach. Cuir gasta do charbhat fút: in órd: ar aiste cheart. Sin é a chuireas chuige a chuid airgid go gasta, síos 'n-a sparán, a's ná fágann thall 'sabhfus é i ngach póca: go cruinn: i bhfóireamh a chéile. Bí gasta leis an sciain sin, ná gearradh sí thu: aireach: 'n-a hionndrabháil bain áis aiste mar is ceart. Nách neamh-ghasta d'itheann sé, leath an bhídh ag tuiteam uaidh: gan slacht: neamh-dheas. Fé bhun a bheith go han-ghasta ní fada sheasóchaidh an méid seo bídh libh, ar a luighead atá agaibh a's líon a bhfuil chuige: aireach ar a ídeach.

gastacht: *b.3.* cruinneas, baileacht, críochnamhlacht, snastacht, eólgaiseacht, inntleamhlacht. Lé gastacht, dar leis, do chuir sé tharais 'n-a phóca é, ach bhí poll sa phóca a's chaill sé é: críochnamhlacht: aire roim. Ar a ghastacht a bhí na háraistidhe ar an gcornchlár d'aithneóchadh aonne gur bhean chríochnamhail a bhí i mbun tighe ann: an chuma go rabhadar riartha in órd a chéile. Duine gan ghastacht a fhágas rudaidhe 'n-a dhiaidh thall 'sabhfus: gan riar ar a láimh chun nidhthe do chur san eagar cheart. Mhuise, do bhí gastacht i méir an té a chuir lé chéile uaireadóir an chéad lá riamh: gliocas. A ghastacht do bhí an beartán fáiscighthe níor rófhuraiste a oscailt gan a aithneamhaint: a chlisteacht a's a chruinneas: gan aon lúb ar lár: inntlidheacht. As an ngastacht ar fad

féach gur leighidh a raibh aige: d'aimhdeóin na haire thug sé chun bailighthe agus a chruinne chun a choimeád lé chéile.

gé: *b.4.* éan mór (mín a's fiadhain), uigeach, fánaidhe. "Na géadhanna fiadhaine": Saighdiúiridhe Éireannacha a fhág a dtír a's a chuaidh ar an Leatha in armaibh iasachta chun troda in aghaidh Shasana. Ná bí ag imtheacht id ghé aonair ar fuaid na cathrach, téighir abhaile: gan aitheantas ná cómhluadar. "Ní sia gob an ghé 'ná gob an ghanndail": tráth go mbeadh dhá éileamh nó breis ar rud níor cheart breis do thabhairt do cheann aca i ndochar an chinn eile. Bail ó Dhia ort is mór an mhéid atá dulta lé tamall ort, borradh an éin ghé fút: fás mór, mear. Déanfaidh tigh géadhanna den dtigh leis an ngleódh atá ann: glisiam ná tuigfeadh aonne ach oiread a's tuigfí scata géadhanna. Aithghé: ceann sa dara bliadhain. "Beadaidhe!" "beadaidhe" deirtear ag glaodhach.

geábhadh: *f.1.* breabhaid; turus gearra ar muir nó ar tír: ruathar. Tugaimís geábhadh 'on bhaile mhór, is fada go rabhas ann: turus: breabhaid. Tabhair geábhadh orainn aon uair bheidh caothamhail dhuit a's beidh na trucaillidhe fáilte romhat: cuaird. "Tiocfad ar bhur dtuairisc sara fada" – "tabhair geábhadh ach go háirighthe": seal beag, muna féidir leat fanacht rófhada. "An raibh sé i bhfad i Meirice?" – "thug sé geábhadh": chuaidh ann a's d'fhill go luath. D'ionnsaidh an ghasradh an daingean, ach b'éigin dóibh cúladh. Thugadar geábhadh eile a's stialladar rómpa a raibh 'n-a mbealach: ruathar: seáp. Ní déarfainn ná go bhfuil drochfhuadar fút ar na geábhannaibh atá ghá thabhairt tímcheall an tighe: turasadóireacht. Oiread a's geábhadh níor thug ar an bhfarraige riamh: breabhaid: turus beag.

geab: *f.3.* cainnt tiugh gan puinn céille; mion-chiapadh. I rith an lae bíonn a geab aice air, cúis nó gan chúis ag fagháil locht air: síor-chiapadh: bíonn sí leis: ag deargadh bear air: griogadh. Níl aon cheal geaba air sin, dá ndéanfadh cainnt do é b'fhiú ór é: ceal cainnte. Giob geab aige, a cheann sáidhte i ngach scéal ná baineann leis: síorchainnt gan aon éifeacht. Beidh orm taobh na súgán den dtigh do bheith agam, a ghiob geab ní fhéadfainn d'fhulang feasta: gliog gleag aige gan stad.

geabach: *a.* cainnteach, gan uireasbhaidh cainnte cáinte. Pé scéal a thairngeóchadh éinne chuige beidh 'n-a chuilithe go geabach ag rith leis féin gan fuaimeant: aith-chainnteacht. Tá an duine úd, deirim-se leat, geabach a dhóthain d'éinne, ní ceal teangan a thiocfaidh leis: a theanga ar síor-shéirse.

geabaire: *f.4.* gliogaire, duine go mbíonn cainnt dhíomhaoin, leanbaidhe aige. Geabaire fir a thabharfadh a lá 'sa shaoghal ag cainnt ar madraidhibh gan faic eile ag déanamh gharbhuaice dho ach iad: síor-chainnteóir gan bun gan barr. Geabaire mná go mbíonn gach scéal ar a gob aice ó thigh go tigh: suainseánaidhe ná tagann léi srian do chur léi féin, luath nó mall. Deisbhéalach ná cliste níl sé ach 'n-a gheabaire ag treasnaghal ar gach nidh dá gcloiseann sé: geamhaire: gliogaire: giobaire: ruathaire.

geabaireacht: *b.3.* cainnt dhíomhaoin: gliogaram gliog: cabaireacht: ceartéiseacht ghiobtha. Geabaireacht is fearr do gheóbhainn uait-se cad budh cheart dom nó nár cheart dom do dhéanamh gan aon chóngamh d'fhagháil: ceart-éisteacht nó beachtaidheacht

leamhais. Baoghal níl ortha san go n-éireóchaidh eatartha dá mhéid geabaireachta aca as a chéile cleitheamhnaigh iad san ná bíonn ag tabhairt na teangan dá chéile: gach re seadh aca le chéile. Cuir uaim do chuid geabaireachta agus faghaim cainnt shíbhialta uait: táthaireacht: cainnt neambéasach, teallaireacht, pastaireacht.

geabanta: *a. n-dh.* pras (as theangain), cainnteach, slim, griogach. Ná bíodh aon eagla ar aonne ná go bhfuil sé geabanta a dhóthain chun freagra do thabhairt ar aonne: pras: gan aon chrapadh teangan air. Uain a's áit beidh sé choidhche geabanta, ní fhéadfadh sé an teanga san aige do choimeád ó luascadh: síor-chainnteach. Dá bhfaghadh sí ór na cruinne, 'sis mór an focal é, ní staonfadh sí de bheith geabanta ar a chéile, feanann sí an duine bocht: ciapuightheach, lochtach.

geadh: *f.3.* ball bán in éadan capaill nó ainmhidhe eile; ball liath i bhfolt duine: beárna i bhfolt tréis bearrtha: más: giob: groga. Droichbhearbóir a shín a lámh chughat, tá do cheann lán de gheadhaibh: baill loma seachas an ghruaig 'n-a dtímcheall. Is furaist aithint é tá geadh i gclár a éadain: ball bán. Chuir sé geadh lé n-a shaoghal ar an aindeiseóir an lá do chuir sé as a sheilbh é: chuir sé cómhartha léir air. An méid talmhan atá agam-sa, ní fiú é d'áireamh, níl ann ach geadh: blúire beag bíognach maidir lé n-a bhfuil ag a thuilleadh.

geadhach: *a.* ballach. Bheadh náire orm mo bhairéad do bhaint díom dá mbeadh ceann geadhach mar sin orm: baill loma go croiceann annso a's annsúd. Capall geadhach: go mbíonn ball bán i gclár-éadan aige.

geadán: *f.1.* más, sliast, tón: iogán: blúire talmhan. Níl ach geadán beag i seilbh na gCómhacht Cómhair anois d'fhíorthuaisceart na Frainnce a's na Beilge: sciota beag. Sin é díreach atá agat do dhéanamh fanacht ar do gheadán annsan go dtagaidh do bheatha ó neamh chughat: go díomhaoin leisceamhail ar do thóin. Téidheadh na geadáin go maith ag Sasana go dtí san: tuargadh a's suathadh ó thalamh í. Ní chuirfidh an saoghal mór dá gheadán anois é, chómh leasc, leisceamhail sin do: 'n-a sheasamh chun aon ruda do dhéanamh. Dar leat-sa ná fuil agat ach iarraidh a's go bhfaghair, is breágh bog a thagann do gheadán ort: is neamhdhuaibhseamhail do thagann ort rud do chur i máilín do ghoile.

geadóg: *b.2.* más, bean (nó cailín) íseal, théagartha. Buail do gheadóg fút annsan: suidh fút. Geadóga ban ar fuaid na dúthaighe gur fearr leó scléip a's díomhaointeas 'ná pósadh: mná láidre: neamh-leice.

géag: *b.3.* beanngán, ball, lámh ón ngualainn anuas go crobh, gabhal, duine: sliocht: craobh. B'olc an ghéag é a's an fear do sháthadh: an mianach duine. "Mo ghradhain do ghéaga, tá an lá agat" (moladh): do chnámha: thu ar fad. "Tá a thuilleadh im ghéagaibh-se": tá mórán breise ionam nár bhaineas asam féin. "Do ghéaga geala go deó!" do theacht aniar! maith thu! Ar fheicsint dhom go rabhas claoidhte a's ná raibh agam ach tabhairt suas, thuit mo ghéaga siar síos liom: thráigh mo bhrigh. Fear go bhfuil géaga righne fé: lámha a's cosa. Dá bhfaghainn chun mo ghéige é bheadh sean-bhlas aige air féin sara mbeinn réidh leis: dá mbeadh i ngiorracht dom bhuailfinn é ó thalamh. Níor chuir sé chun faic riamh nár fhág rian a ghéag air: chuir sé slacht air nó rinne a mhalairt leis dréir a

thola. Ar gach taobh den abhainn tá géaga, beag agus mór, ag rith isteach innte: aibhnte eile a cheanglas léi mar tá cosa a's lámha an duine den chompar daonna. Ar chósta na Lochlainne tá géaga fada, caola, doimhne ag rith i bhfad isteach sa talamh: gabhláin mhara: góilínidhe móra. Nuair chídhtear bata ag duine, deirtear tá an tríomhadh géag fút: cos: teannta. Seachain tú féin nó bainfir na géaga dhíot féin leis an sciain fhaobharamhail sin: gearrfair tú féin go mór. Choidhche ní fhéadfainn dul an fhaid sin de chois, tá na géaga siubhail teipthe orm: cosa. Neach níl agam anois a dhéanfadh tacaidheacht liom tá mo ghéaga go léir ag tabhairt an fhéir: mo ghaolta san úir. Níl aon ghéag leis san áit anois: duine gaoil i bhfad amach fiú. Géag na croiche: an chuid a bhíos sínte amach ón méid a bhíos n-a seasamh. Géaga crainn: na slapair a bhíos amach as an dtamhán. Tair im ghéagaibh: im bharróig. Éan ar ghéig: ar shlapar nó slisneach ag fás ar thaobh crainn. Déanamh an airgid 'n-a ghéagaibh: i ndán obair thairbheach do dhéanamh. Tusa, an ghéag is fearr a bhí agam, ná féadfainn déanamh gan thu, imthighthe uaim anois: an taca: an té go mbeadh mo mhuinghin as. Seán an ghéag is fearr ar an gclainn: an té is fearr. Géag leis an arm seadh na heitealláin phléascán: craobh: máille: cuid dhlúth de. Mo thruagh, is iomdha géag bhreágh treascartha sa chogadh: faraire: fear cródha de threibh mhaith ársa. Fear macánta nár shín a ghéag chun aonne riamh: nár dhein cruisteach air. Sín do ghéaga lé hobair a's ná bí ag brath ar aonne eile chun do chothuighthe: bain áis asta. Níl seóid ar ghéig ná ar láimh leis: tá sé slán, folláin. Go lá a bháis bhí lúth a ghéag aige: bhí sé i ndán siubhail, a's a lámha d'oibriughadh. A ghéaga sínte chun Dé aige: é ag athchairt ar Dhia teacht dá fhóirithint. Fan ag féachaint ar an gcuid eile a's do ghéaga fillte: díomhaoin, scurtha.

géagach: *a.* craobhacha nó beanngáin (ar): fadchosach nó fadlámhach. Budh cheart go mbeadh líomhtacht a's rith ann, tá sé géagach, ní gearra, crapuighthe atá: cosa a's lámha fada air. Luigheamair isteach i bhfothain tuir géagaigh go raibh an gal san thart: tor go raibh craobhacha sínte go hiomadamhail aige soir, siar. Abha mhór, dhoimhin seadh í, ar a cúrsa anuas tá sí géagach: aibhnte eile a's srutháin ag rith innte isteach. Is fairsing 'sis fada iad a mhuinntir – duine géagach é: gaolta a's sliocht scaipighthe go hiomadamhail.

géagaim: (**géaguighim**) *b.a. 7 n-a.* sínim amach ó, scaraim lé. Annsúd géaguigheann an bóthar soir ó dheas, soir díreach agus ó thuaidh: tagann ladhracha sa treónnaibh sin ann. Muinghin t'anama agat as - do ghéaguigh sé ar sheandaoinibh go raibh mianach cóir ionta: shíolbhuigh sé. Cad air gur ghéagaigh an críoch ubhaill, ní fuláir nách ar chrann riamh é? Géagaigh é, druid isteach leis, ná bíodh aon fhaitchíos ort roimis: beir léd ghéagaibh air: greamuigh é: fáisc é mar bheadh in iomarascáil. Géaguigh an téad annso d'fhonn a's gur féidir linn dhá bhád do tharrac: cuir téad eile amach aiste i bhfeirm ladhrach.

géagamhail: *a.* beanngánach, craobhach, fad-lámhach, fad-chosach: iomadamhail i ngaoltaibh. Fir gharbha, ghéagamhla formhór na bhfear ngorm, chuirfidís barraidheacha a méireann ar na frathachaibh duit: lámha an-fhada ortha. Sí an tsloinne is géagamhla ann í, níl aon bhaile ná go bhfuil sí lé fagháil ann: is iomadamhla: is mó go bhfuil a sliocht. Tá deifridheacht mhór idir chraoibh a's fhraoch, ise géagamhail, níl an fhraoch: eascarann mionshlapair go flúirseach ón gcois.

géagáil: *b.3.* ag dréim lé chéile i ngreamughadh ’sin iomarascáil. An bheirt iomarascálaidhthe ag géagáil a chéile d’iarraidh comhthruim nó brabúch greama d’fhagháil: ag baint áise as a ngéagaibh go cliste, aicillidhe. Riamh ó rugadh tu ní fheacaís aon fhear géagála ach é, ghod ghreamughadh, ghod sháthadh a’s ghod shuathadh: suaineáil leis na lámhaibh.

géagálaidhe: *f.4.* iomarascálaidhe neamhmín: duine a bhíos do shíor ag breith ar chuid éadaigh dhuine a’s ghá shuathadh: duine a bhaineas áis as a ghéagaibh ar shlighe ná bíonn ró-chliste. I mbrughtam chumhang géagálaidhthe maithe seadh iad chun tuargana a’s sáithte: útamálaidhthe láidre, righine. Géagálaidhe de rámhaidhe maith é: rámhaidhe láidir, buan.

géagán: *f.1.* slapar beag: eascarán: sliocht. Géagán coille: slapar crainn. Beidh ionad ancaire againn san ngéagán mara so atá isteach i bhfothain na talmhan: góilín: gabhlán: bolg cumhang uisce i gcrioslach talmhan. A chomhaill na sean-mhuinntire, dá mairidís, níor náire dhóibh a ngéagán, is tú go bhfuil an bheart ionat: síol na ndaoine fadó.

géagánach: *a.* slaparach, craobhach. Croch neamhghéagánach nách féidir corcán do chur go ró-mhaith uirthe: an ghéag amach aiste bheith gearra. As san ó thuaidh farraige ghéagánach í: ag rith i bhfad isteach sa talamh. Na ba ’n-a luighe go sochma ón mbrothall ag cogaint a gcíorach fé chrann ghéagánach: crann go raibh slapair fhada fé dhuilleabhar throm ag fás air.

geáitse: *f.4.* corruighe (maigeamhail, dúmais): feádh: geáma: corruighe cinn coise nó láimhe do chur aigne, smaoinimh nó machtnaimh in iúil. Dhéanfadh sé an gnóth go maith rinnce ar nós aonne a’s gan na geáitsidhe géag a’s cinn do bhac: na cuir: na cumaidhe. Thug sé geáitse fén sráid: turus gearr. Ar na geáitsidhibh atá ort déanfair rud éigin is tinn duit: na himtheachta drochfhuadaracha. “Mo mhór-thuairm go ndéanfaidh an cogadh so cogadh ait” – “sin iad na geáitsidhe atá fé”: an chuma a’s an treó go bhfuil rudaidhe ag gluaiseacht. “Connus tá aige an aimsir seo?” – “an geáitse céadna gan aon atharrughadh, ’n-a fhear seóidh mar bhí riamh”: an chuma chéadna maireachtana. Déanfad geáitse rinnce dhíbh: babhta. Siúd duine go bhfuil geaitsidhe fé: cuireann cumaidhe dúmais air féin go mbeifí ghá thabhairt fé ndeara. Na geáitsidhe a bhí air go bhfaghadh sé cuireadh, má thairng sé anuas an chóisir a’s a mhian do bheith uirthe aon uair amháin rinne sé dathad uair é: na boghaisínidhe a bhí aige dhá dhéanamh ar an gcúrsa. Ní geáitsidhe in ao’chor a foghlumóchadh Gaedhealaing: leigeant air a’s bheith ag machtnamh ar a mhalairt. Lá breágh éigin fós cuirfir uait na geáitsidhe: éireóchair nó cuirfear iachall ort éirghe as dhúmas a’s dhíomhaointeas a’s caithfir claoidhe lé gnóth. Cár imthigh an geáitse uait?: an taidhbhse lé n-a ndéinteá gach aon rud.

geáitseáil: *b.3.* taidhbhse i ndéanamh ruda: scóid: blomas: áibheis i ngníomh boghaisínidhe. Ar an ngeáitseáil atá ort tá rud éigin ar maoith agat?: an aon rud atá ar maoith agat nó an amhlaidh atá fonn gadaidheachta ort?: feádhanna: na bóithre atá agat dhá thabhairt isteach. Lucht geáitseála seadh ógánaigh an lae indiugh: lucht taidhbhse in éadach, ceanamhail ar thurasadóireacht a’s ar a n-aoibhneas féin. Riamh níor háirigheadh go maith chun rinnce é ní bhíodh aige ach geáitseáil: cumaidhe a’s corruighe géag ná

raibh aon bhaint aige leis an ealadhain. Thug sé furmhór an lae ag geáitseáil fén sráid mhór: ag gabháil tríthe gan aidhm. An gheáitseáil a bhí aige orainn ag tnúth lé digh uainn: na feádhanna a bhí fé: na nidhthe a's na cainnteanna a bhí ar siubhal aige ag súil.

geáitseálaidhe: *f.4.* blomaire: áibhéisidhe: duine blomasach, taidhbhseach. Nách tú an geáitseálaidhe, níl cuideachta ná cruinniughadh ná go gcaithfir do cheann do bheith sáidhte agat ann: feádhaire: duine ná bíonn sásta gan bheith ag gluaiseacht ó dhream dream ghá chur féin in iúil dóibh. Ní oibridhe thú a's ní ceárdaidhe thu, níl ionat ach geáitseálaidhe: duine a bhíos ag leigeant air go taidhbhseach gur b'é féin máighistir na gceárdaidhthe. Geáitseálaidhe cait ná fágann poll ná cúinne sa tigh gan útamáil: cat cuarduightheach ná tugann é féin ar fhiadhach luch.

geáitseamhail: *a.* taidhbhseach: geámamhail. Nách geáitseamhail a chaitheann sé a chosa ag rinnce dho: taidhbhseach, ag baint cor a's geámaidhe asta ná baineann leis an ealadhain. Buachaill geáitseamhail ná caitheann uair an chluig dá shaoghal sa bhaile: turasach: siubhaltach.

geal: *a.* solasmhar, léir, gléasmhar, bán; maith, grádhach, ionmhain. Uisce geal go bhfeicfeá tón an phuill tríd: solasmhar: glé: gan salachar ná draoib. Fé lonnradh ná gréine chídhfeá i bhfad uait an gléas geal a bhí sa bhuidéal. An cneas geal atá uirthe chuirfeadh taithneamh ort amharc air: bán dréir nádúrdha. Ar maidin bhí an talamh geal: sneachtadh air. Tá barra geal ar an bhfarraige: capaill bhána go hiomadamhail. D'éirigh ráth mhór éisc a thug barra geal ar an bhfarraige: do suathadh uachtar na mara chómh mór san gur iompuigh dath bán air. In a lá? tá a's 'n-a lá bán geal: solas an lae chómh láidir a's bheadh aon am as san amach. Is diail é chun oibre, tá sé ag imtheacht bán, geal chúiche: "as a mheabhair" chúiche: go dian ar a tóir. Cloisinn go mbíteá, a's tú óg, bán, geal chun cailínidhe: "fiadhain chúcha": éileamh mór agat ar bheith ina gcómhluadar is ag suirgheacht leó. Leis an scannradh do chuir anaithe na hoidhche úd air bhí sé geal gléigeal ar maidin: gach ruibe gruaige ar a cheann chómh bán lé sneachtadh a's néamh ann. Leigidh do féin, ná bídh ag giobadh a's ag geabadh air nó beidh sé geal agaibh: "imthighthe bán": ar díth céille. Bíonn a dhrom breac ach bíonn sé geal fé: bán. Chómh geal lé hairgead: bán, solasmhar. Lá ró-gheal chun iascaigh: chómh léir san uisce a's go bhfeiceadh an t-iasc an fhearas. Spéir neamhgheal, ní fada ó bhaile is féidir leat fheicsint: neamhsholasmhar: gan léargas. Má tá sé buidhe féin tá croidhe geal aige: croidhe groidhe, fial, flaitheamhail. Is geal leis an bhfiach dubh a gheárrcach: dá dhuibheacht é an geárrcach tá sé chómh ceanamhail air a's bhíonn an eala ar a héan: do dhuine féin roimis an iasachtaidhe. Gabhaid thar a chéile gan oiread agus sméideadh, nílid geal dá chéile: buidheach dá chéile: grádhach 'n-a gconbharsáid. Cé hé ná beadh geal do?: ceanamhail air. Budh ghile bheinn dhuit anois, a leinbh, dá bhfantá socair mar buaidhreann crostacht me: budh cheanamhla me ort. Beidh sé 'n-a airgead bhuidhe a's gheal agat: ór a's airgead (buinn) bán. Geal chun iascaigh, ní bhíonn dhá thaidhbhreamh do ach é: fonn a's dúil mhór aige ann. Iomard éigin atá air go bhfuil sé chómh geal chun bán: éileamh thar éileamh aige ortha. An aimsir geal chun triomuigh: gan smúit ná doircheadas sa spéir. Chonnac uaim na fir gheala: a gcasóga dhíobh a's a léinteacha bána go soiléir. Níor gheal an lá dhi, an cailín croidhe istigh nuair phós sí an póitire sin: níor shona ná níor ádhmharach. Budh gheal lém chroidhe an áit aoibhinn úd d'fheicsint airís, mar cuireann

sé taithneamh orm: budh bhreágh liom san. An té budh gheal leis thabharfadh fuil a chroidhe a's an té nár gheal bhíodh an ghráin aige air: b'ionmhain. A Éire gheal: ghrádhach. An oidhche chómh geal go bhfeicfeá an frighe do bhaint: solas mór gealaighe ann a's gan aon smúit ná scamall. Níor ghábhadh dhom-sa me féin do nighe, táim geal ó phréimh: cneas glan, bán orm ó nádúir. Budh gheal an lá dho do fuair a bhean bás ó ná raibh aon éirghe os a chionn. Budh gheal leis ach níor gheal do namhaid do theacht go hÉirinn: níor mhaith dho. Go n-éirighidh do thurus go geal leat: go sona, ádhmharach. Tá an dá thaobh geal i gcoinnibh a chéile, gan ghéilleadh gan taise: fiadhain, fíochmhar. Bíonn truagh agam duit geal os chómhair na ndaoine: ag déanamh rudaidhe aite. Ní staonfadh sé d'áiteamh d'iarraidh an dubh do chur 'n-a gheal ort: a chur 'n-a luighe ort gur aige a bhí an ceart dá mhíchirte atá sé. "Cad n-a thaobh dhuit an rud gránda san do dhéanamh?" – "mar tá dhá thaobh ar an rí, taobh geal a's taobh buidhe" (giorraisc): taobh maith a's taobh olc. Beidh aimsir gheal indiugh againn nó ní lá fós é: bainfeam aoibhneas a's subháilceas as. Tighthe geala a chídhfeá uait faid do radhairce ar an réadh féd bhun: aol fútha. Ní fheicim go ró-ghlan trís na gloinnidhibh seo, tá smúit nó rud eigin ortha: léir, soiléasta.

gealach: *b.2.* éasca, ré. Ní fada ón ngealaigh bheith 'n-a lánré. Tá gealach ann, tá an ré nuadh ar an spéir. Beidh corrán maith gealaighe ann ist oidhche ambáireach: gan bheith i bhfad ó n-a leath bheith lán. An fear sa ghealaigh: an fíoghar fir a thaidhbhsigheas innte nuair bhíonn sí lán. Gealach éigin oibre indiugh air, níor stad ó mhaidean ar dhubhshaothar: fiadhantas. An rud atá déanta anois agat ag priocadh ar an gcneadh ghránda san, ní dhéanfadh aonne é ach fear gealaighe: geilt: fear as a mheabhair glan. Chuirfeá lé gealaigh é, bheadh sé oireamhnach lé ceangal, dá mbeifeá ag faoidhfridh fé: glan as a mheabhair. Ná tagadh gealach gan chúis ort chugham: buile mhór. Na laetheanta so atá na Cómhachta Cómhair ar ghealaigh, nidh nách iongadh dhóibh, a's a bhfuil de bhúrdáil fachta aca: fiadhain lé droichmhianach. Scaoil sé é féin lé gealaigh ar fad ag trácht ar an gcogadh, focal ní leigfeadh as bhéal aonne eile ná beadh snapuighthe aige a's aonne a déarfadh go mbuadhfadh Sasana raigheadh 'n-a chochall: gan tóin gan cheann lé rithe seama. Gan ach duine do bheannughadh dá mhnaoi thiocfadh gealach éada air: éad ná féadfadh sé do smachtughadh. Oidhche spéir-ghealaighe dob eadh í go bhfeictheá tamall uait: sholasmhar, réiltheannach, gan smúit. D'aithneóchadh neach gurb í gealach na gcoinnlínidhe taidhbhsigheann sí chómh mór, lán san: gealach trátha na sop do bhailiughadh.

gealacán: *f.1.* an chuid bhán d'ubh i gcómhnáird leis an mbuidheacán; bán na súl. D'iompuigh gealacáin a shúl amach leis an scannradh! Cuirtear gealacán uibh leis an alt leónta san: an chuid bhán de do chur 'n-a cheiridhe leis. D'aithneófá ar ghealacán a shúl ná fuil sé go maith 'n-a cheann: an dath smeartha atá tagtha ortha. Connus fhoidhnigheadh sí an fhaid do chaitheadh sí ar ghealacán a dhá glún ag paidireoireacht: cealg: ar an lár.

gealacht: *b.3.* solasmhaireacht, gléas, glaine, áthas, scarabháil. Gealacht na hoidhche a dhein duit é mara mbeadh san ní threabhfá choidhche tríd an ngleann achrannach: gan iomad doircheachta do bheith ann. Lé gealacht an lae ní bhéarfadh aon bhreac éisc, chídheann siad an feearas a's seachnaid é: léargas solais. Béarfaidh an leóithne gaoithe

sin gealacht: scarabháil: scaipeadh scamall. Dá mbeadh a fhios agat an ghealacht a thagas ar mo chroidhe nuair chídhim thu: an t-áthas. Ní mór an ghealacht do thug an t-aol ar an bhfalla, aol gan mhaith dob eadh é: báine. An bhful aonnidh ort? tá gealacht it agaidh: tá sí báidhteach bán. Scaoil 'n-a rith uisce an phuill a's tiocfaidh breis gealachta air, imtheóchaidh an salachar: beidh sé níos soiléasta, léir.

gealadh: *f.* scartadh (aimsir), éadtromughadh (aigne): feabhasughadh: tuaradh: bánughadh. Is mór an gealadh croidhe tu do theacht 'n-ár measc, scaipfir ár nduairceas léd chuideachtain ghrinn: éadtromughadh a's subháilceas aigne. Gealadh ar bith níl ag dul ar an lá, tá cúl thiar anois chómh trom, dorcha a's bhí riamh: éadtromughadh: scaipeadh scamall a's teacht léargais. I bhfad roim ghealadh an lae bhí an fhuiseóg lé clos agam: breacadh. In ionad gealta do bheith ag teacht ar an saoghal is amhlaidh atá doirchiughadh ag teacht air ag an gcogadh: feabhasughadh. Dá bhfágthá na balcaisidhe gránda san amuigh go ceann bliadhna ní haon ghealadh do thiocfadh ortha, mar ná fuil nighe cóir ortha: glanadh datha a's clódh. Táid ag gealadh an tighe: ag cur aoil fés na fallaidhibh. An gealadh a tháinig ina shúilibh nuair chonnaic sé gan choinne me: las iongadh ionta.

gealadhram: *f.1.* meidhréis, éirghe croidhe, scleóndar. "Mo chroidhe 'o Dhia", ars an seanduine nuair chualaidh sé an amhránaidheacht a's an ceól ar an gcraolachán, "gurb oraibh-se atá an gealadhram munab ionann a's na diabhail bhochta atá dhá chur dá dtreó sa chogadh": an t-éirghe croidhe: an subháilceas aoibhneasa atá dhá bhaint amach agaibh. Duine beag baoth mar é, cuireann sé gealadhram air moladh d'fhagháil: meidhréis: meas a's tóirtéis croidhe. Ar mh'anam go mb'fhéidir go mbainfinn-se cuid den ngealadhram díot mara bhfantá socair, maran b'ort atá an teasbhach díomhaointis: áthas croidhe toisc gan mairg ar bith do bheith ag baint de. An deoch bhíodhgach san do chaitheas chuir sí gealadhram orm: thóg sí mo mheanma ionnas go bhfuil breis mhisnigh a's meidhréise orm.

gealadhramach: *a.* meidhréiseach, éadtrom-chroidheach, so-mheanmnach, subhach; buac-chroidheach. Budh ghealadhramaighe é an lá phós sé 'ná aon lá ó shoin mar b'é an pósadh aindeis aige é: b'aoirde a bhí a chroidhe. Buachaillidhe gealadhramacha iad san i gcómhnaidhe ag déanamh cuideachtan a's seóidh gan dubhachas ná dochma ag baint leó: árd-spirideamhail. An turus déidheannach do chonnac é is é a bhí go gealadhramach, cé déarfadh go raibh sé chómh hathchomair dá bhás: lán d'anam a's de ghreann.

gealaim: *b.a.* ₇ *n-a.* soiléasuighim, soiléirighim, liathaim, bánuighim, lonnruighim, téadhamhuighim (lé): arduighim, scartaim (aimsir), músclaim (meanma). Choidhche ní ghealfad leis ar an méid díbheirge atá déanta aige orm: ní théadhamhóchad leis: ní thiocfaidh leagadh báidheamhail agam leis. Gealaim mo chroidhe a thúisce a's chídhim thu, is mór é mo chion ort: éirigheann mo chroidhe lé háthas: má bhíonn dúbhachas air scaipeann sé. Má tá buadhairt féin ort bí foidhneach, gealfaidh fós ort: raghaidh an saoghal i bhfeabhas duit. An chuma atá ar an maidin seo ní ghealfaidh sé indiugh: ní árdóchaidh (scartfaidh) an aimsir: ní ghlanfaidh an spéir. D'fhanadh sé ag scéaltóireacht go ngealadh sé anoir: go n-éirigheadh lá. Gheal sé go hobann aniar dtuaidh gur dhóigh leat ná fanfadh crann, slat ná giobal seóil ar aon bhád: d'éirigh tréan-ghaoth a thug barra bán ar uachtar na mara. In aimsir is tapamhla do ghealann arbhar: aibigheann sé: do

thagann dath bán ar an gcraoibh aige. Gealadh an tigh istigh 'samuigh: cuireadh aol fé. Caith dhíot an duairceas, a dhuine, a's geal, gáir a's abair focal seóidh: tagadh áthas a's misneach ort. Má dhoirchigheann gealann: ní do shíor do bhíonn drochshaoghal ag an nduine.

gealán: *f.1.* an corruighe te a bhíos san aer lá marbh, brothalach, méirneáil: solas a bhíos san tsáile, i mbogachaibh agus aroile: i gcorruighe an tsáile is mó bhíonn sé nó ar iasc, cosamhail lé mion-réiltínidhibh é: bladhm solais: soillse, gluaire. Chídhfeá an gealán ag preabarnaigh san aer lá brothaill. Mo lá fós é, mara raibh gealán ón splannc an oidhche sin: solas obann gluardha gach am do thagadh ceann. Marar chuir an gealán gréine úd indiugh aon teas id chorp tá an bás agat, bhíos féin ag leaghadh im bhraonachaibh aige: speal mhaith, the. Toisc na teine ghealáin san uisce teicheann an t-iasc ón líon chídheann sé roimis é mar bheadh claidhe solais: méirneáil. Amuigh ar fad sa bhfarraige bhí bannc mór gealáin mar a raibh an ghealach ag saghnáil uirthe trís na scamallaibh: solasmhar, geal-rinnceach. Á, mhuise, ní bréag a rádh ná go mbíonn gealán sa spéir in ionnsaidhe eiteallán nuair bhíonn gathaidhe solais d'iarraidh iad do nochtadh d'fhonn gur bh'fhéidir caitheamh ortha. Baineadh teine ghealáin as na mailidhibh ge Sasana lé mí anois: fuair a fhórsaidhe pléascadh agus tuargaint a shuathaidh go maith é. Aimsir nách ceart gearán uirthe gealáin a's néaláin: sealanna teódha gréine a's sealanna dorcha gan fliuchra.

gealas: *f.1.* báine, taithneamh, gluaire, scartadh, éadtromughadh, deallradh, glinneamhaint. D'fhéachadar ar a chéile a's gealas 'n-a shúilibh: an radharc árd ionta lé feirg. Faic níor bh'fhéidir liom d'fheicsint ar éirghe dhom, ní raibh aon ghealas lae ann: solas. An oiread san gealais gen solas gur bhain sé mo radharc díom nách mór: saighneán chómh láidir sin. Ná corruigh do chos anois, fan leis an ngealas: le teacht an lae. An gealas a chuir an chloch scáil uaithe leis an ngréin: deallradh mór. Cad é an gealas ar an bhfear so indiugh?: an airgead a thuit isteach air go bhfuil an t-éirghe croidhe go léir fé?: áthas aigne. Ní bhíonn aon ionbaidh iascaigh ann i ngealas an lae mar seo: an t-am is treise do bhíonn an solas. Beir isteach an leanbh ó ghealas na gréine nó buailfidh sé é: léire nirt a sholais is teasa. Ní haon ghealas dúinn tú do theacht ach mairg: seascaireacht aigne.

gealbhan: *f.1.* éinín aithnideamhail, mórán saghas ann. Cathain a raghaidh staon ar do ghlór? nách tú an gealbhan gleóidh: ceolán go mbíonn an síorthreathar céadna aige ó mhaidean go hoidhche. Níl oiread meabhrach id cheann a's tá ag gealbhan: níl agat ach gliog gleag. Is furaist aithint gur ceann gealbhain atá ort ná féadfadh fiche líne filidheachta do choimeád istigh ann: ceann gan inchinn. Nuair fuaireadar mo dhrom leó a's mo chuid fé n-a léith thógadar go léir "cuireadh na ngealbhan chun choirce na cómharsan" chuige: gan truagh aca dhom ná scrupall an méid d'fhéadfaidís do bheith aca a bheith. "Do ghním faire im aonar, a's táim mar gealbhan ar mhullach an tighe" (Sailm CII. 7): gan treóir.

geal-gháire: *f.4.* gáire breágh oscailte, subháilceach. Tá geal-gháiridhe ort-sa mar gheall ar rud éigin subháilceach: cuireann do gháire in iúil gur maoidheadh de chionn sásaimh móir do chur ort. Ní chuirfeadh aon chruadhtan ó n-a gheal-gháire é.

geal-gháirteach: *a.* subháilceach, subhach, éadtrom-chroidheach. Budh thapaidh an bheart é d'imtheacht chómh hobann gan choinne, is é a bhí go geal-gháirteach ar maidin, seódh a's greann 'n-a chainnt, a's a rádh go bhfuil sé marbh anois: a chroidhe 'sa aigne ag gáiridhe leis gach aonnidh. Shiubhalfá tamall maith sara mbuailfeadh neach leat is geal-gháirtighe, ní furaiste buaidhreamh ná suathadh do dhéanamh air: is éadtruime croidhe: is subháilcighe aigne.

geal-gháirtighe: *b.4.* subháilceacht, subhachas. Nuair scarann an gheal-gháirtighe leis a's ná beidh fonn seóidh ná suilt air géillfead an aois do bheith ag teacht air: soilbhreacht croidhe a's aigne: aiste cheart shásta na haigne. Cé hé an t-Éireannach ach an fear meathta nár gheal-gháirtighe leis stiall d'fhagháil ar namhaid a thíre: sásamh mór aigne. Rud éigin ag cur geal-gháirtighe ort, cad é an nidh sona a thárlaidh duit?: god chuir ag gáire chómh subhach.

geall: *f.1.* rud éigin a cuirtear in urradhas chun aithdíolta airgid nó i gcomhaill ruda éigin d'áirighthe do dhéanamh; cómhartha, aon rud is féidir do thabhairt i dtacaidheacht airgid nó gur fiú é airgead nó a chómh, foillse, sócain: comhaill: cumha, meas, fonn, gradam, cumas, gustal: duais: buadh: barr, ceannas. Aon lá go mbeadh talamh ag duine níl aon gheall is fearr ná é: fagháltas gur fiú rud i gcómhnaidhe a's a aistriughadh 'n-a airgead aon am. B'fhada mar phaiste ar shiopadóir earraidhe do thabhairt ar cáirde do dhaoinibh gan geall: gan guastal: gan chómh 'n-a earraidhe de shealbhantas inghreamuighthe aca. Is dócha gur mór an geall airgid an fáinne óir sin: fiú: luach. Mara bhfuil aonne eile agat ach é sin chun bheith ag brath air ní ró-mhaith an geall é, cá bhfuil an tacaidheacht aige?: urradhas duine gur féidir seasamh air. M'fhocal mo gheall: aon rud adeirim ní théighim 'n-a chois. Caithfeam bheith aireach ort-sa, is tú an geall is mó againn, a's dá gcaillimís thu budh ró-mhór an dochar dúinne é: an taca is fearr againn. Bíodh geall = biceall (sin mar fuaimightear an dá fhocal). An uair is "cosamhlacht" a bhíos i dtreis mar atá is geall le girrfhiadh an coinín seo í an fhógharaideacht: 'is g+eabha lé etc.' ach an uair is urradhas, banna etc. is ciall do fuaimightear na trí focail go hiomlán mar atá – is geall le hairgead géir. Bíodh geall ná seasóchaidh an cogadh so i bhfad: cuirfead suim airgid nó a chómh i dtreis buaidhte nó caillte. Chuireas m'uaireadóir i ngeall: chuireas ar iontaoibh duine eile í mar chómhartha nó urradhas in aghaidh iasachta airgid. Níl aon amhras ná go mbeadh geall cóir ag aonne bheadh ag brath ort: urradhas: duine nár mhisde seasamh air. Tigh gill: tigh go dtugtar iasachta airgid in aghaidh earraidhe ann. Má mhaireann sé lá eile, "beidh breith na ngeallta aige" – tiocfaidh sé uaidh: beidh an lá aige: beidh leis: beidh toradh an teaghmhasa fabharach do. Sin mar chuala, ach ní chuirfinn aon gheall as: nílim chómh deimnightheach a's go ndéanfainn tacaidheacht airgid gurb shin mar tá. Níl aon gheall fén spéir ná go gcuirfeadh sé go raibh an ceart aige: d'aiteóchadh in aghaidh an tsaoghail mhóir é. É ag gol 'sag béicigh, an leanbh bocht, nuair scaradar ó n-a mháthair é budh gheall báis nó é féin do chaitheamh 'on teine le briseadh croidhe: budh mar a chéile leis é: ní chuirfeadh sé aon eadh ann mar mhalairt críche air féin. Is geall báis aige thu: tá sé chómh ceanamhail ort a's tá ar a anam. Tigh i ngeall seadh é: an tigh i seilbh fir a thug iasacht airgid uaidh agus fanfaidh go mbeidh an bunairgead agus an sochar íoctha as. D'fhuaduigheadar a raibh sa tigh agam, d'fhágadar me i ngioll le púnt: ag brath air. Ag dul ar mo thurus fada, marbhthach bhíos i ngioll lé coróin!: i dtortaoibh: ag brath ar an méid sin amháin. Do leabhar ní chreidfinn air go bhfuilir i ngoill lé deich

bpúnt sa bhannc: i dtaoibh lé: gurb é sin iomlán a bhfuil agat. “Cad é an t-am é?” – “geall lé n-a sé”: nách mór: buailte leis. “Ní foláir nó tá sé ’n-a lá” – “geall leis do”: ní fada ón lá anois é. Thug sé uaidh chuid mhaith gan geall do dhéanamh air: ceart coimeádta a’s riartha sealbhantais dhuine eile go mbeadh fiacha díolta nó éileamh dleaghthach cúitighthe. An bhfuil a fhios agat anois cad leis gur geall é?: gur cosamhail é. Nách geall lé hamadántaidheacht do dhuine gan féachaint chuige a’s uaidh pé gustal do bheadh aige, mar is geairrid ag imtheacht maoin gan sochar: nách an-chosamhail lé etc. Bhíos geall le bheith marbh i rith an lae bheirbhte shamhraidh gan deóir uisce agam a’s me spallta: in an-ghiorracht do. Is geall lé hiongtas é do thabhairt aonnidh as a spaga, an cníopaire sprionnlaithe: iongtas nách mór. Chuirfeadh an drochchrot a bhí air geall le gol thu lé truagh dho: nách mór. Beimíd geall le réidh tráthnóna: má bhíonn aonnidh gan déanamh uainn is fíorbheagán é. Is geall lé muic fear gan seift: an té ná bíonn cuimhneamh a’s gliocas ann le linn gábhatair bíonn dall, tuathalach ar nós muice. “Beidh an Almáin i bPeáras i gcionn seachtmhaine” – “bain an chluas san díom-sa go dtabharfaidh do gheall cáirde dhuit” .i. ná beid ná in aon ghaobhar do: tréis an tréimhse sin go mbeir ag brath ar an ndream go bhfuil do mhuinghin asta í do mheabhrughadh dhuit. Cad mar gheall ar an bhfear so? níl aonne ag cur aon tsuime ann .i. cad tá lé déanamh leis?: an bhfuil aonne chun cur ina dhiaidh a’s freastal air? Ní chuirfinn aon gheall as an lá indiugh: níl mór-iontaoibh agam as ná go n-atharróchaidh sé ar olcas. Tugadh dachad púnt dom i ngioll leis an gcapall do marbhuigheadh orm: i gcoinnibh: mar éiric. Chuadar ar geall le chéile: chuireadar síos airgead nó a chómh i dtacaidheacht a dtuairme ag dul i dtreis buaidhte nó caillte. Cuir síos do gheall, mar is pras do thógfá: do chion imeartha. Fear geall: duine gurbh é a ghairm bheatha cur a’s tógaint airgid ar chúrsaidhibh ráis. “Is mairg a bhíos ag brath (i dtaoibh) ar aon gheall” .i. truagh an té ná bíonn aige ach an t-aon tacaidheacht. Maidir le héitheach do bhíonn an geall do shíor aige, ní heól dom aonne is fearr chun sceilgthe ’ná é: an duais: an barra buadha. Thabharfadh sé náire dhuit i ngeall lé práta beirbhthe: i dtaobh: ar shon. “Is geall lé hairgead géir”: ainmhidhthe reamhra, gheóbhfí airgead aon lá ortha. Tógadh mo chuid stuic i ngeall leis an gcíos: i gcoinnibh: i gcúiteamh. Beireann an dream céadna an geall i gcómhnaidhe leó, is iad is mó iasc: bíonn an réim aca. Go dtí so ach go háirighthe ní féidir a shéanadh go bhfuil an geall ag an Almáin i gcath: ceannas: an chuid is fearr den gcath. Beidh gill mhaithe ann - chúig phúint don rinnceóir is fearr a’s mar sin de: duaiseanna. Féach air, cad leis gur geall é?: cosamhail. Scrúduigh ó thalamh é, a’s innis dom cad air gur geall é?: cad chuige gur maith é?: cad is fiú d’aonne é? Dá oilceas agat-sa é, tá an geall fós ann: cóimhlíonadh na muinghine nó an dóchais a bhí i dtosach as nó an mianach chun gnímh buacaigh do dhéanamh. “Geall ar gheall” mar dubhairt an fear a dhein goid do dhuine eile ar díolfiach áirighthe, ach ná scarfadh leis an sluid go síntí a mhargadh chuige: tacaidheacht t’fhocail ar thacaidheacht m’fhocail-se. Ní chasfadh geall an dorais liom: an cnapán cruinn a bhíos mar láimh ar dhoras: ubhall (an dorais). Tá greim maith ar do bhata, mar tá geall ar a cheann: cnapán cruinn. Bheadh sé chómh maith agat bheith ag fágaint an tighe seo, ní haon gheall suaimhnis sa tigh seo thu ach cúis achrainn: adhbhar: níor bhun leis thu: iontaoibh.

gealladh: *f.* (*-llta*) do dhearbhadh go ndéanfí nó ná déanfí nidh áirighthe: slánaidheacht, súil nó dóchas do thabhairt lé rud. Níl aon ghealladh ag an gcuradóireacht dhá thabhairt uaithe go mbeidh toradh maith léi: as na cómharaidhthibh budh dheacair dóchas do

bhunughadh: súil do bheith lé toradh. Ag gealladh na cruinne a's ag cailleadh annsan: ag dearbhadh go dtabharfadh an saoghal mór uaidh a's ná tugann faic (seóid). Thugas mo ghealladh dho ná clisfinn air pé iomard a leanfadh san: m'fhocal go dearbhtha.

gealladóir: *f.3.* duine a thugas a fhocal dearbhtha lé rud: fear geall do chur. Gealladóir mór ar chapaillibh dob eadh é, a's budh thinn do, scrios na capaill chéadna é: curthóir airgid i dtreis rás capall. Dia gealladóir mo bheatha: a thug a bhriathar im shlánughadh ar choingheall mo chreidimh a's mo dhílse.

geallaim: *b.a.* dearbhuighim, tugaim mo bhriathar go, etc.: tugaim súil nó dóchas go dtárlóchaidh nó ná tárlóchaidh nidh áirighthe, nó go ndéanfad maith nó tairbhe (ar), bronnaim ar, deónuighim. Geall dom ná déanfair airís é a's scaoilfead leat: tabhair t'fhocal mar shlánadh. Is mise do fuair an bualadh má fuairtheas riamh é, geallaim duit: mise 'n-a fhíné air. Gheallfadh sé a léine dhuit! deirtear lé duine ná bíonn aon teóra lé n-a theangain ar cad ná déanfadh sé, a's gan aon éileamh aige air. Geallaim anois lé congamh do naomhghrás etc.: tugaim mo bhriathar amach óm chroidhe. Níor gheall Dia aon dá shaidhbhreas d'aonne ach gheall Sé na flaithis dos na bochtaibh: thug sé a bhraithar mar shlánadh gur léo iad. Bheadh muinghin agam as an té a gheallfadh dom go dteipeadh sé orm: bheadh mo shúil go gcóimhlíonfadh a bhriathar. An té ná geallann ní bítear thiar air: ná tugann a fhocal rud do dhéanamh ní féidir milleán do chur air. Ní gheallann an chneadh san aonnidh cóir: tá droichdheallramh uirthe. Gheall sé dhi: thug sé a bhriathar go bpósfadh í. Is minic do gheall táilliúir a's ná tiocfadh sé: ná cuir do mhuinghin go hiomlán san rud do déarfí leat súil do bheith agat leis mar ar nós an táilliúra go mbeadh clogad glaoidhte air is iomdha bac a chrosas duine ar a theacht. Gheallfadh sé na huirc a's na heairc .i. na muca a's na banbhaidhe: óg a's aosta: beag a's mór .i. an uile rud a shásóchadh duine. Geallaim-se do Dhia, mhuis, gur fada airís etc.: dearbhuighim go láidir. Dá gceapadh sé a shuaimhneas, ní bheadh faic indiugh air ach níor gheall Dia dho san: níor thug Dia san mar aisce dho.

geallamh: *f.1.* dul fé, urradhas, cor ó dhuine do dhuine eile rud do dhéanamh nó gan a dhéanamh, nó rud do thabhairt, tairbhe do dhéanamh, nó a lithéid. Bíodh mo gheallamh agat ná clisfead ort nó má chlisim nách dem dheóin é: m'fhocal dearbhtha. Ní deacair a gheallamh do bhaint de dhuine bhocht .i. a chur d'fhiachaibh air a fhocal do thabhairt go gcóimhlíonfadh rud áirighthe.

geallamhaint: *b.3.* (*-mhna*) dearbhadh cóimhlíonta: briathar-mhóide. Bhain sé mo gheallamhaint díom go mbeinn láithreach gan aon leathscéal do bheith ar iarraidh: b'éigean dom m'fhocal do thabhairt do ná teipfeadh orm. Ar an ndeallramh atá air ní mór an gheallamhaint ann go ndéanfaidh aonnidh cóir: ní fhoillsigheann sé comharaidhthe go ndéanfadh. Ní fheadar cad é do mheas-sa orm, ach, dar liom féin go bhfuil comhall mo gheallamhna ionam: an nidh go bhfuil briathar a dhéanta tugtha agam leis go bhfuil ionam a chur chun críche. Mar is gnáthach leis geallamhaint a's cailleamhaint: ní cóir iontaoibh ar bith do bheith as. Ní geallamhaintidhe go dtí é, cheapas go rabhas déanta leis: an oiread san lé bronnadh orm dréir béil gur leath mo shúile orm a's nár tháinig faic dá bharr. Bí ag geallamhaint do: bí ag cur an scéil ar an méir fhada ghá rádh go gcóimhlíonfair: bí ag géilleadh ach gan fonn a bhieth ort taca gnímh do dhéanamh.

geallamhnach: *a.* cosamhail go mbeidh éirightheach, buacach, go dtabharfaidh toradh maith, go ndéanfaidh eascar etc.: fonnmhar bhraithar do thabhairt i dtaca déanta ruda. “Is minic do bhí geallamhnach cailleamhnach”: an rud go mbeadh deallramh a’s clódh maith air go raghadh chun cinn go dteipfeadh: an té is mó is tugtha dá bhriathar do thabhairt chlisfeadh gan choinne b’fhéidir. Ná bí ró-gheallamhnach muna mbír deimhnightheach gur féidir leat do bhriathar do chóimhlíonadh: ná bí claon lé t’fhocal do thabhairt muna mbíonn fonn ort déanamh amach do nó bheith deimhnightheach gur féidir leat a chóimhlíonadh. Buachaill geallamhnach é sin, féach an tslighe éirigheann leis ar gach scrúdughadh: gach aon deallramh aige lé bheith buacach ’n-a bheathaidh. Na barraidhe go geallamhnach, breághthacht a’s úrmhaireacht aca: de chuma ortha maidir lé borradh agus dath go dtabharfaid toradh maith.

geallamhnaidhe: *f.4.* duine a thugas geallamhaint: urradh. Ná bíodh eagla ort má dubhairt súd go dtabharfadh a chabhair duit ná go bhfuil geallamhnaidhe maith agat – riamh ní dheaghaidh sé i gcois a fhocail: duine a dhéanfas dréir mar deir. Aon lá nách féidir leis a dhualgas do chúiteamh táimíd-ne mar gheallamhnaidhthe aige: urraidhthe: daoine atá chun tacaidheachta do dhéanamh leis.

geallamhnas: *f.1.* an rud do gealltar: an rud go mbíonn súil nó dóchas leis dréir mar bhíonn aiste an nidh go mbítear ag tagairt do. Sid é mo gheallamhnas duit, m’inghean: an nidh gur thugas m’fhocal lé n-a chomhall. An geallamhnas do thug Suirsill ná fágfadh long beó ar muir leis an Almáin: an rud a dhearbhuigh. Geallamhnas fuar dom-sa bheith ag brath ort, mar ná fuil an fonn ná an déanamh leat: rud ná tárlóchaidh.

geallta: *a.r.* tiomnuighthe, dearbhtha, i ndán do: cinnte: beartuighthe (dho): in áirighthe (dho). Báthadh an bás a bhí geallta dho a’s ní raibh dul as aige: i ndán do: ’n-a chómhair: beartuighthe dho: in áirighthe gan cao éaluighthe uaidh. An rud a bhíos geallta dho dhuine ní chuirfeadh Éire uaidh é: an rud olc nó maith a bhíos os chionn dhuine. Táid geallta dá chéile: tá a mbriathar solmhanta tugtha aca lé pósadh.

gealltanas: *f.1.* rud geallta: geall. Mara bhfuil airgead agam tá a ghealltanas agam: a chómh: urradhas ar etc. Fuair sé a shaoirse mar ghealltanas ach scéitheachtaint ar a chómhghualnaidhthibh: tugadh san mar thairsgint do ar etc.

gealltóir: *f.3.* duine a chuireas geall nó a thugas urradhas i etc.: urradh. Cé hiad na gealltóiridhe atá agat má tá aonne a raghaidh i mbannaidhibh ort go ndíolfair, mar ná fuil foillse ar bith agat féin: urraidhthe: daoine a thugas cor bheith freagrach i meath dhuine eile. Geóin a’s callán ag na gealltóiridhibh ag éigheamh luach ráis capall.

gealltóireacht: *b.3.* do chur geall nó i ngeall. Maidean Luain do chídhfeá an ghealltóireacht i dtigh an ghill ag mnáibh bochta na gcúlshráideann, ag cur a mbalcaisidhe a’s pé n-earra is féidir leó i dtreis iasachta airgid: an malartughadh. Gealltóireacht budh bhun lé n-a bhriseadh: ag cur airgid ar capaillibh ráis lé súil go mbéarfadh breis chuige.

gealt: (**geilt**) *b.2.* duine buile, duine le gealaigh, oireamhnach lé ceangal: duine nochtuighthe. Ar son Dé, cuir rud éigin umat a's ná bí ag imtheacht id gheilt, tabharfair náire dhuit féin gan luid ort: gan aon éadach nó puinn. Seadh tá an lá im choinnibh ar fad, ar fad, táim im ghealt aige: mo mheabhair shaoghalta bainte aige dhíom: sáruighthe ar gach cúinne. Déanfaidh mo bhean gealt díom má leanann dhom ghiobadh lé n-a geabaireacht a's smacht. Is oth liom a rádh leat, ach níl aon áit oireamhnach duit ach Teach na nGealt ar an ngliogairnéis chainnte atá agat: dúnbhaile lucht díthcéille. Gealt ní iomcharóchadh é féin ar an gcuma san ag faoidhfridh 'sag screadaigh ar fuaid na sráide: duine gan taimilt chéille. Sara stadann Hitlear beidh Suirsill 'n-a gheilt aige: ar aiste aigne nách fios do cad is maith ná is ceart do do dhéanamh. An ghealt bhocht ná tógadh aonne aon cheann do a's seadh is fearr do bheidh sé: an t-éagconn: duine is furaiste do chur chun seaghamtha: duine gan puinn fuaimeanta. Gleann na nGealt: mar a mbailigheadh lucht buile.

gealta: *a.r.* bánuighthe, scriosta: aoldha: tuaruighthe. Is mithid dos na báirlíntidhibh bheith gealta, táid tamall maith fé léith na gréine a's an aoir. Fallaidhe gealta istigh 'samuigh: aol curtha fútha. Um an dtaca san bhí an lá gealta: an solas ann. Dá mbeadh an tráthnóna gealta thabharfainn fén mbóthar: na scamaill bháistighe imthighthe: é bheith triomuighthe. Connus bhéarfá ar iasc nách shin é do dhubhán gealta?: an baoite scriosta dhe. Táid gealta .i. a gcuid éadaigh caithte dhíobh aca mar bheadh chun snáimh etc.

gealtach: *f.1.* duine buile, duine fiadhain. Gealtach é sin nár mhaith liom bheith in aon bhád leis, ní fheadraís cad é an spreang a thiocfadh air go gcaithfeadh é. Na gealtaigh thruaighmhéileacha so atá ag teicheadh ó fhód an chogaidh 'sag lorg dídin i dtíorthaibh iasachta: daoine suaidhte corruighthe ar thriall dídin. Gealtach budh mhó ciall 'ná é ceanglófí nuair ná fuair díol na coda é: fiadhain lé buile. Cad budh ghealtaighe dho a dhéanamh 'ná a thigh do thréigean mar gheall ar achrann beag?: gan áit anois aige go sínfead tharais: budh neamhmeabhraighe. Má tugtar a thuilleadh oibre dho a's go mbeifear ag gabháil de lé n-a mhoille, beidh sé 'n-a ghealtach fé mhí: imthighthe "bán" lé suathadh a's buaidhreamh.

gealtachas: *f.1.* báine, buile, éagconntacht, uamhan. Na saighdiúiridhe a bhí ag teicheadh a's cúladh i bhFlóndras cuireadh lé gealtachas iad ag pléascadh ón aer: lé fiadhantas: 'n-a ruathar gan riar gan órd. Bheith ag síor-éisteacht lé n-a crónán – budh mhaith an rud smut – ó dhubh dubh ag cnáimhseán ar dhaoire rud, ar thubaist a's ar chogaidhibh ní mór ná go gcuireann glan le gealtachas me: go mbaineann mo mheabhair díom. Ó mhaidean indiugh tá gealtachas air, gan luighe ar earball, ag rith thall 'sabhfus gan eólas a bheart aige: mire neamhstuidéardha.

gealtaighe: *b.4.* corruighe incheann: báinighe: neamhmeabhair: mianach díth. Ní hé sin an t-aon duine den dtreibh sin d'imthigh as a cheann, bhí mianach na gealtaighe rithte tríotha: na héadtromachta 'n-a cheann. Ar gealtaighe toisc nár éirigh leis seachas na coda eile ar fad, é ag bagairt a's ghá rádh gur leathchuma do deineadh air: gan bheith 'n-a chéill chirt.

gealtán: *f.1.* duine ar mí-riar incheann: éadtromán: duine a ghníos rudaidhe aite gan féachaint roimis: éagconn. In a ghealtán ag cur tharais go gleódhach gan fuaimeant: breallán: gan bun ná ciall lé n-a dtagann as a bhéal. An gealtán, dá mbeadh aon chiall aige nách ag baile budh chóra dho bheith i mbun a thighe a's a áite 'ná ag imtheacht ó thigh go tigh annso ar shráid baile mhóir: 'n-a dhuine gan stuidéar. Éist, a ghealtáin mar ná fuil brigh ná deallramh leat: gliogaire atá ag labhairt go hait. Aonne ach gealtán ní scríobhfadh leitir ghá mholadh féin: gliogaire. Dia linn, é 'n-a ghealtáinín lé digh, ag rúideadh a bhairéid san aer, ag cainntiughadh gach aonne 'sag amhrán i mbolgán an lae: duine buile.

gealtóir: *f.3.* duine nó rud a ghlanas nó a bhánuigheas. Ní ró-mhaith an gealtóir an t-uisce salach san: ní ró-mhaith é chun nighte a's glanta.

gealtóireacht: *b.3.* do chur datha báin ar aonnidh, do thuaradh. Fágadh an t-éadach amuigh ar tuar chun a ghealtóireachta: go dtiocfadh dath bán glan air. Chaith sí an lá ag gealtóireacht na bhfallaidhe: ghá nighe lé haol.

gealtuighim: *b.a. 7 n-a.* téighim le buile, feirg, báinighe, scannruighim. Ach a rádh nár ghealtuigh na leanbhaidhe nuair chonnacadar chúcha an madra ag sceamhghail ortha: nár scannruigheadar 'n-a mbeathaidh le huamhan. Gealtóchadh an tsíorghaoth ar an gcnapóig scéirdeamhail seo duine go mbeadh stuidéar maith ann: chorróchadh sí 'n-a cheann é. Gealtóchair lé ceal tobac má thagann gannachúise air: raghair as do mheabhair lé dúil ann.

geamh: *f.3.* brasaireacht, breithirt, cabaighneas, giobaireacht, gríosaireacht, bíodán, gleóithínteacht etc. Sé a bhfuil de mhaith ionat a bhfuil de gheamh ionat, 'dein é seo' a's 'dein é siúd' a's gan déanamh faic ionat: cabaighneas: brasaireacht. An lá ar fad a's a geamh aice orm, órdughadh a's locht ar gach cor: giobaireacht: ghom ghriogadh chun saothair a's gan aon bhlas air. Cuir uait an geamh a's ná cuir amugha ar mo ghnóth me: an giob geab gan bun ná barr ach chun toirmisc. "Oibrigh", "dein deabhadh", "níl san i gceart", seo é an geamh a bhí aca liom: gríosaireacht. Ní fheadair aonne ach an geamh a bhíos ges na seanmhnáibh úd ar na cómharsanaibh nuair bhíd ar a suaimhneas a's a ngal aca: bíodán: ag tagairt do chúrsaidhibh na gcómharsan gan scoith gan stuaim a's go masluightheach. Tu féin a's do ghiomh(bh)-geamh: cainnt gan éifeacht.

geamhaire: *f.4.* cabaighneastóir: pastaire. Éist, a Mháirín, níl ionat ach geamhaire beag gur cuma leat cad deirir: leanbh a bhíos ag cainnt ar cosanáirde ar gach aon rud a ritheas chun a teangan. Geamhaire drochthagarthach gur chóra dho a bhéal d'éisteacht 'ná bheith ag suainseán: duine ná téigheann lag ar a theangain ach ag gliogairnéis go drochlabhartha. Geamhaire a gheibheas locht ar gach aonne a's ar a ndeárnaid gur dhóigh leat ar a bhéal go bhfuil díochúis déanta ge cách air: pastaire: táthaire gur b'é a bhéas bheith ag tromaidheacht ar an uile dhuine go bhfuil baint aige leis.

geamhaireacht: *b.3.* cabaighneas, pastaireacht, táthaireacht. Geamhaireacht is fearr ar eólas aca a's ní cabhair ná cómhairle: cabaighneas lochtach. In ionad éisteacht lé teagasc go mbeadh eolas cruinn aige ar cad gur dhóigh uaidh do dhéanamh b'fhearr leis bheith ag

geamhaireacht lé treasnaghal a's toirmeasc: táthaireacht: cainnt mhíbhéasamhail, chonnstrálta. Cuireann do chuid gheamhaireachta tinneas im cheann, cad as agat go dtagann an chainnt go léir?: rith seama cainnte gan adhbhar.

geamhar: *f.1.* an t-arbhar 'n-a léis ghlais sara n-eascarann sé: mianach (duine). "Ní fhásann ruibe geamhair ann/ níl stáca ar bith ná a adhbhar ann/ ní gnáthach muca reamhra/ ar margadh aca dá ndíol" (amhrán): oiread a's aon léas ghlas amháin. An coirce 'n-a gheamhar: éirighthe aníos 'n-a léasaibh tiugha, dlútha, glasa. Mol gort a's ná mol geamhar .i. bheadh túis-fhás an bharra go maith a's theipfeadh b'fhéidir i gcaitheamh aimsire: fan go bhfeicir aibidh é. Is ró-olc an geamhar go bhfuilir ag gleáchas leis níor lugha aige sin 'ná tu do ghortughadh: earra a lasfadh chughat go hobann: duine ná féadfá do mhuinghin do bheith as. An madra san agat aithnighim ar an ndrannadh do chuireann sé air féin nách maith an geamhar é: nách maith an mianach é, ná go mbéarfadh greim ar dhuine. Riamh níor scar an droich-gheamhar leis an dtreis sin: an mianach chun achrainn a's buaidhrimh do dhéanamh.

geámghail: *b.3.* fánaidheacht dhíomhaointis, siubhal mall, réadhchúiseach; feádhaireacht, gluaiseacht ghanfhiosaidheachta. Cé hé ná déarfadh ar an ngeámghail a bhí tímcheall chlóis an adhmaid air ag féachaint annso agus annsúd 'sag meabhrughadh roimis ná gur ailp éigin do bheith aige do bhí uaidh: an fhairghis a's an ghluaiseacht aireach gur ar tí rud d'fhuadach do bhí sé. B'fhearr do rinncfeadh sé ar gan leath an oiread geámghala do bheith fé: feádhanna. D'iarraidh snasa a's gleóidhteachta do chur ar gach cor a's iompódh leis: gothaidhe. Ar an ngeámghail atá ar an leamhan san tímcheall an tsolais dóghfaidh sé é féin: cúrsáil chonntabharthach. Ag geámghail dho ar bhruach na farraige i moch na maidne bhíodh sé ag déanamh a smaointe: ag siubhal go neamhthuiseach, réadhchúiseach. As a chuid geámghala do bhriseadh a chos: feádhaireacht: ag déanamh chleas gan aire do thabhairt do féin.

geámghálaidhe: *f.4.* feadhaire: seachantóir oibre: díomhaonaidhe siubhalach, duine gothaidhe. Cá bhfuil geámghálaidhe an tighe seo?: an té gurb eól do chách ná deineann aon tsaothar ach scraistidheacht. Maidir lé geámghálaidhe oibre dho, ní bhfaghfá a lithéid, an clódh chuireann sé air féin a's an bladhgar a bhíos aige budh dhóigh leat gur ghaiscidheach é: bladhmaire. Bhuailfeadh sé annso leat anois, deich míle ó bhaile i gceann dhá uair an chluig, ní fheadrais cá nó cathain bhuailfeadh leat gan choinne, an geámghálaidhe: duine a ghluaiseas ó bhall ball go neamhthuiseach: máineálaidhe.

geamh-oidhche: *b.4.* oidhche fhada, chlamparach. Gan ann ach an triúr againn ag tórramh an chuirp, an fuacht ag gabháil trínn, gan teine, teas ná biadh againn, fuaireamair 'n-a geamh-oidhche na gcéadta bliadhan í: oidhche chlamparach gur dhóigh leat ná tiocfadh a deireadh choidhche. Beir leat go mbíonn geamh-oidhche mhaith ann sa tSamhain: oidhche a ghoillfeadh ar dhuine lé n-a faid.

geamhrach: *a.* eascarach, úrfhásach: droichmhiantamhail. Ní ró-gheamhrach don ngort san, tá sé meathta annso a's annsúd: níor fhás iomadamhlacht léas ann. Lá geamhrach a dhóthain seadh é, sin teannghaoth, chruaidh ón bhfarraige: lá atá ar bun: borb: ag éirghe chuige. Cuideachta shubháilceach ní headh in ao'chor é, tá sé ró-gheamhrach ar

bheagchúis: d'eireóchadh lasánta gan puinn adhbhair: is furaiste leis lasadh. Bíonn teist geamhrach ar thuinncéiridhibh: gur b'é an t-achrann is méine leó: bruigheantamhail.

geamhruighim: *b. n-a.* péacaim, boirbighim, lasaim. Choidhche ní gheamhróchaidh do chuid oinniún, níor thugais an cur ceart ortha: ní éireóchaid os cionn cré. Gan puinn rádh go tuaisceartach gheamhruigheadar chun a chéile, ón bhfocal bog go dtín bhfocal cruaidh dhóibh gur phleanncadar a chéile: d'éirigh a gcochall go gomhamhail. Ar an léas (madra gaoithe) a bhí os chionn an Oileáin ar maidin, droch-chómhartha ceart, geamhróchaidh an lá indiugh fós: ag glasughadh: boirbeóchaidh: éireóchaidh chun gaoithe a's árdfharraige.

geamhrughadh: *f.* (*uighthe*) péacadh os cionn cré: ag glasughadh: ag boirbiughadh. Lé geamhrughadh an choirce is aoibhinn ceól na fuiseóige: ar éirghe os cionn cré do 'n-a léasachaibh glasa, úra. D'aindeóin mo thláithínteachta leis d'iarraidh iad do mhaolughadh is ag geamhrughadh chugham do bhí sé: ag boirbiughadh, a chochall ag éirghe: cuthach ag corruighe ann. Tréis na ceatha, d'éirigh an ghaoth a's thosnuigh an lá ar gheamhrughadh go raibh ruibe fuar air a's an fharraige géar: ar "dhul ar bun": an tsín ag dul i ngéire a's i neart.

geamhruighthe: *a.r.* péacuighthe: éirighthe os chionn cré: curtha lé boirbe: dulta in olcas. Ó bhí an lá a's an aimsir geamhruighthe aniar ón bhfarraige ní raibh aon dul againn ar an oileán d'fhágaint: an fharraige dulta i bhfiadhantas. Um an dtaca n-ar bhuaileas é bhí sé geamhruighthe chugham a's é ag bagairt go deaghair orm, mara mbeadh san b'fhada mar phaiste orm aon chruisteach air: a chochall éirighthe: é tógtha chugham. Arbhar geamhruighthe is fearrde drúcht do thuiteam air. Gach aon rud geamhruighthe (geamhartha) chun cogaidh san Iodáil: na daoine bainte chuige: oireamhnach.

geamh-shodar: *f.1.* sodar socair. Bead ar geamh-shodar chughat chómh luath a's chuirfir an scéala chugham: ag teacht féd dhéin go sásta a's ní ag siubhal, leis, é.

geamh-shúileach: *a.* cumhang-shúileach: smúit-shúileach. An t-amadán geamh-shúileach san, cad do chídhfeadh sé?: go bhfuil duilleóga a shúl ag bualadh ar a chéile nách mór. Súile tinne agam lé tamall a's táim an-gheamh-shúileach: cuma bhioranta, mhíonádúrdha ortha: súile mar bheadh scamall ag toirmeasc an radharc.

geamh-shúilighe: *b.4.* na súile do thaidhbhseamh meathluighthe: míonránaighe. Lá tréis ceatha gur gheal sé a's go raibh an ghrian ag lonnradh ar na carraigeachaibh shaoil sé go raibh long 'n-a measc, nár mhór an gheamh-shúilighe do cuireadh air: an taidhbhse bréige ar a radharc: mearughadh radhairce. Cad é an gheamh-shúilighe atá ort ná feacaís é a's é féd dhá shúil?: an dul amugha radhairce. Is deacair do léigheamh gan spéaclaidhe a's geamh-shúilighe air: iomard súl go mbíonn an radharc lag ó scamall nó smúit.

gean: *f.3.* cion, gradam, leagadh (lé), ceanamhlacht, báidheamhlacht, teasaidheacht croidhe: páirtidheacht, deagh-aigne, taithneamh, gnaoi, greann, sult. Ní tháinig gean gáire ar a bhéal riamh, é coimhtheach, dorcha: leagadh nó claontacht leis: fíor-mhiongadh an gháire: foillse a thaithnimh (do). Chun a chur in iúil duit gur maith leis tu do mhaoidh a ghean gáire air nuair chonnaic sé thu: an taithneamh atá aige dhuit d'éirigh sé ar tí briste

’n-a ghnúis ’n-a thúis gáire. A chómhartha go bhfuil gean gen gcoitchiantacht air fuair sé guth na ndaoine go léir nách mór: taithneamh aca dho: leagadh toisc a fheabhas. B’ait an gean é idir mhadra a’s coinín go luighidís i bhfochair a chéile: an chlaontacht lé ceanamhlacht: foillse taithnimh. Gean an domhain eile atá aige d’iasc úr, níl aon rud d’íosfadh sé roimis: mian. Cad tá ort indiugh? níl focal cainnte asat a’s níl aon ghean in ao’chor ort?: gnaoi: fonn grinn ná suilt. An capall dubh sa rás so mo ghean-sa, cuirfead mo gheall as: an capall is mó go bhfuil m’aigne leis. Is fada gan ghean é: ó imthigh meas na ndaoine uaidh. Tamall bhí Éire fé ghean agus beidh airís: gradam: meas i dtaobh a feabhasa. Chun geana do thugann san déirc uaidh: fabhraidheacht: go mbeadh léith leis. Ná bíodh mí-ghean agat d’éinne, ní faic buaidhte dhuit é: mío-thaithneamh: ceal deaghaigne. Leanbhaidhe chómh béasamhail san iad ná féadfá gan gean do thabhairt dóibh: báidheamhlacht croidhe. Mo ghean thu!: Dia leat!: mo ghrádh thu! A dheaghmhaitheasaidhe do chuir fé ghean é: is iad budh bhun lé grádh na ndaoine dho.

geanamhail: *a.* grádhmhar, lághach, gleóidhte, so-chroidheach, taithneamhach, ionfháilte, galánta. Dís gheanamhail iad san ná féadfá gan cion do bheith agat ortha táid chómh mín, séimh, deighiomchair sin: go mbeadh do chroidhe leó. Fear geanamhail ar gach cuma go maidean: go dtaithneóchadh a shlighte a’s a mheón leat. Choidhche níor gheanamhail liom thu tréis a ndeárnais de dhíthchúis: ní théadhamhóchadh mo chroidhe leat. Labhair go geanamhail léi a’s beidh sí níos féicheamhanta ’ná labhairt goirgeach léi: go mín, tais: i slighe oireamhnaigh. Cuirir cuma an-gheanamhail ort féin nuair is mian leat é, nuair labhrair go lághach a’s thagann fáthadh ort: so-shuime: taithneamhach: miochair.

geanamhlacht: *b.3.* grádhmhaireacht, lághaiche(acht), taithneamhacht, miochaireacht, maise, sciamhacht: míneacht, béasamhlacht: deascnuitheacht. Níor leag sí a méar riamh ar aon rud ná déanfadh lé geanamhlacht gur shásamh leat bheith ag amharc uirthe: taithneamhacht: ar chuma budh ghleóidhte leat. Lé n-a geanamhlacht ní raibh óg ná aosta ná raibh mórmheas aca uirthe, mar budh chneasta ’n-a labharthaibh í, a’s budh mhaith ’n-a gníomh: tréith innte go gcuirfeadh daoine tuath innte. Budh dheacair leat ná dhuit tuiteam amach leis, geanamhlacht ar gach slighe ag baint leis, ná faghfá locht air a’s do dhícheall do dhéanamh: lághaicheacht: béasamhlacht: modhamhail i mbriathar a’s in iomchar.

geanas: *f.1.* grádh: taithneamh: leagadh: fáthadh: réadhchúiseacht coidrimh: sochroidheacht: taisreacht. Id chroidhe istigh níl geanas do laogh ná do leanbh, a bhúiste ghoirgigh: leagadh: fonn muinnteardhais ná coidrimh. Ná bí ag cainnt, a dhuine, ní fhéadfá gan bheith lán de gheanas do a’s a lághaiche atá sé féin: bheith an-thais leis de chionn a mheóin soi-mheanmnan. Aon gheanas níl amugha eadrainn: taithneamh dá chéile níl eadrainn. Ar an ngeanas atá id ghnúis tá áthas éigin ort: an maoidheamh gáire. Bean gheanais do (ar) leanbhaidhibh í, is mór mar bhíonn ’n-a gcúram: bean cheanamhail. Ná cuirfeadh a gheanas sástacht ort, cé chonnaic duairc ná docht riamh é: croidhe groidhe, fáilteach aige. Budh bheag uirthe a gheanas, dá shéimhe do labhair sé léi budh mhó a fuath dho: an cheanamhlacht a’s an taisireacht chonbharsáide.

geanasach: *a.* grádhmhar, tais, lághach: sochroideach: leanamhnach, lághach, so-shuime. B'fhada go ngeóbhadh thart ar bhóthar ná ar chasán gan labhairt go geanasach, tuairisc do shláinte a's do bheatha do chur: leanamhnach, muinnteardha. Go deimhin féin, a's a dhícheall do dhéanamh chun bheith lághach, ní fhéadfadh sé bheith níos geanasaighe, ghá fhiafruighe ar theastuigh faic uaim nó ar bh'fhéidir leis comaoin ar bith do dhéanamh dom: tais, muinnteardha, sochroideach. Is agat atá siad (bróga etc.) go geanasach: go hiontuatha: iontsuime.

geanmnaidhe: *a.* cádhach, banamhail, maighdeanamhail: glan: neamhthruaillighthe. Seadh, bhíodar pósta ach pósadh geanmnaidhe dob eadh é: gan chumaisc. Duine saonta, geanmnaidhe nár smaoineadh riamh do bean do shanntughadh: inntin ghlan aige. Chaith sí a saoghal geanmnaidhe: gan aithne do chur ar fhear. Má tá do smaointe chomh neamh-gheanmnaidhe léd bhriathraibh is draosta an duine thu: neamhghlan.

geanmnaidheacht: *b.3.* maighdeanamhlacht: glaine inntine, neamhthruaillightheacht: lántréanas ó chumaisc. Móid gheanmnaidheachta an tsagairt: aontacht: gan pósadh choidhche. Ní lé geanmnaidheacht nár phósais riamh: lé fíorionnracas.

geannc: *b.2.* $_{7}$ *3.* srón gearra, reamhar liochta 'sa barr anáirde: smut cruinn, téagartha: bloc: ceann tíre géar, árd. Geannc chonntabharthach thalmhan idir dhá chuan: cnapán géar, mí-réidh amach 'on bhfarraige. Fuaireas geannc aráin, dóthain triúir: smut taithigeach, toirteamhail. Ní mór an mhaith dhuit do chuid geannc chugham-sa: bheith ag iompódh do shrón anáirde lé dí-mheas. D'árduigh an madra geannc fheóla leis den mbórd ón mbrothaire: smut go raibh toirt ann. Tugtar "Geannc" mar leasainm ar dhuine go mbíonn srón dá saghas air. Lé míoshásamh a's seanbhlas. "Léan id gheannc", gidh ná beadh a lithéid ar dhuine: bun id phus! Oiread dúlach aige i dtobac a's go n-ólfadh sé geannc de gan stad: cnapán toirteamhail. Ná bíodh aon tsúil agat lé pioc de so, ní chuirfir do gheannc ann: do phus. Bíonn geannc des gach nidh a bhíos ar siubhal aige: cuid mhór, mhaith: breis.

geanncach: *a.* go ngeannc: gearrshrónach: leathanphusach. Éist anois, níl aon phus fada ar an iasc úd in ao'chor ach é geanncach: an pus amuigh air liocuighthe. An t-aindeiseóir ní héascaidh a thuigsint, tá sé an-gheanncach: toisc na srón gan bheith cúmtha, córach tá snag 'n-a ghlór. Níor mhór duit féachaint i ndiaidh na mbróg san, táid an-gheanncach: teastuigheann uatha a mbarra amuigh do dheisiughadh. Cósta ró-gheanncach gan cuan é: garbh, géar. Bí mín, ná bí chómh geanncach san a's go n-alpair aonne a labhras leat: tuaisceartach, grod.

geanncaide: *f.4.* duine go mbíonn aghaidh a's coineann ghearr liocuighthe air: duine tuaisceartach. Leig don ngeanncaide níl focal aige a chaithfeadh sé lé madra gan bheith tagarthach: duine grod, nách bhfuilingeann focal seóidh ná grinn. "Ní hannamh do phós bean sciamhach geanncaide": do-ghnúiseach.

geanncaidheacht: *b.3.* tuaisceartacht, madraidheacht: neamhthláthas. Mara mbíonn béal ciúin agat b'fhéidir go gcuirfinn-se tú féin a's do chuid geanncaidheachta in áit éigin eile: táthaireacht: drochmhúineadh. Níor gheanncaidheacht go dtí é d'iarraidh gan aon nidh do

dhéanamh ach i gcoinnibh a chos: tuaisceartacht: neamhfhonn agus stalcaidheacht. Tá geanncaidheacht uirthe, sin é atá uirthe, ní shásóchadh milis ná searbh í: madraidheacht: fonn bheith cor d'fhonn rudaidhe do chur bun os cionn. D'fhágas é gan ró-mhoill, aon uair do labhras leis ní bhfuaireas uaidh ach geanncaidheacht: cainnt ghrod, mhíbhéasach.

geanncaighe: *b.4.* aimlidhtheacht aghtha, srón-liocuigheacht, srónacht. Lé n-a geanncaighe, focal níor thuigeas uaithe: a labhairt trí n-a sróin. Dá mbeadh sí chómh geal lé heala laitfeadh a geanncaighe í, a srón 'sa béal ar aon rian: míochumthacht tímcheall a coininne a's a béil.

geanncas: *f.1.* búisteamhlacht, droichmhianach. Amuigh 'si mbaile ní bhfaghfá uaidh ach geanncas, aon rud go dtagrófá dho ní bheadh 'n-a bhéal a's 'n-a bhrághaid ach snap: droichmhianach: grodacht: gruamdhacht. Geanncas an mhadra lé n-a chnámh a gheóbhfá uaidh: scaimh a's giorraisc a thúisce do chuirfeá cómhrádh air.

geanncóg: *b.2.* duine go mbíonn srón gheanncach air, ná feadair connus freagra síbhialta do thabhairt uaidh. Geanncóg tharcuisneamhail: táthaire giorraisc. Léan air, an gheanncóg, ní fheaca sé a dhóthain riamh lé n-itheadh: pastaire beag.

géar: *a.* geárrthach, faobharach, tanaidhe (úirlisidhe etc.); biorach, neamhchruinn (foirm, crot): grod, obann (cuar), go bhfánaidh árd, glan, glé, soiléir (dealbh), tolltach, gonta, nimhneach, íogair (mothúilt): árd, caol; searbh, searbh-the, domblasta, musach (blas, boladh); pras, aibidh, éascaidh, teadhlach (siansa), tapaidh, mear, obann, prap (gluaiseacht, gníomh); fonnmhar; guilmeach (goile etc.); mear; géarchúiseach, glic, éascaidh, gasta, deisbhéalach, glic, neamhscropallach (lé droichchéill); gonta, gearrtha, bascuightheach, tinn (gníomhartha, canamhain, goilleamhaint). Spíce géar i mbarr na Tiarachta nách féidir ar nós na snáthaide lé duine strapadóireacht air: 'n-a choilg-sheasamh chómh díreach, lom san: garbh, nimhneach (gaoth, muir). Chómh géar lé snáthaid: go mbior chómh caol san go dtollfadh go bog. Clocha géara ar an mbóthar ná féadfá siubhal ortha gan iad bheith ag gabháil tríot: bior caol, faobharach ortha. Seachain tú féin ar an rásúir sin, tá faobhar géar neamhmín uirthe: tanaidhe: a rithfead tríd an bhfeóil ar an thap. Cnuic ghéara: go mbíonn fánaidh mhór, obann leó a's barr árd, caol ortha. Bád go bhfuil siubhal a's fuinneamh innte, tá sí géar as a tosach: caol, líomhtha, faobharach. Ceannaghtha ghéar: aghaidh ghartha, fhada, chaol, lom, gan leithead dá réir. Mo thuairm ná fuilimíd chómh géar leis an ndream eile, táimíd cúig chun deiridh: chómh hárd nó ar aon rian in imirt. Lean an bóthar siar díreach ar thaobh an chnuic go dtagann go Ceann Sléibhe mar a bhfuil cor géar ann ag casadh ó thuaidh cruinn, díreach, stad annsan: iompódh obann, grod i malairt treó. Casadh géar ag an ngirrfhiadh nuair bhí an tóir ag teacht ró-dhian air: iompódh tapaidh, obann ar malairt treó. Bíonn na hoileáin lé feicsint go géar i bhfad ó bhaile fiú amháin lé n-a n-aoirde áidhbhéil: go glan, soiléir. Lé fánaidh ghéir faille an locha bhí clocha ag imtheacht óm chosaibh a's me i gconntabhairt imtheacht im chuairnín: taobh faille 'n-a sheasamh díreach nách mór. Oidhche ghéar sheaca a gheóbhadh go smior tríot: tolltach: geárrthach: gonta: íogair. Labhair an biadh liom a's tá pian géar im ghoile aige: níor réidhtigh sé liom a's tá pian goirtightheach orm. Boladh géar ón mbuaile bréan a's chuir fear cosanta na sláinte an dlighe ortha 'n-a thaobh: boladh a ghoillfeadh go nimhneach ar an sróin. Blas géar ar an ubhall so ná fuil

aibidh: neamhmilis: neamhshóghail: a ghriogfadh an teanga a's an carabhat. Bainne géar: neamhmilis: searbh: neamhthaithneamhach leis an gcarabhat. Brathaim go géar uaim thu, mar is iomdha rud a bhíodh agam go bhfuil orm déanamh dá gceal anois: go dian, goilleamhnach. Ní cuibhe don té a bhíos suas bheith géar ar an té a bhíos síos ach cineáltas do thabhairt do: dian-leanamhnach: bheith sa mhairc air. Saoghal ró-ghéar ar na daoinibh bochta tímcheall fhóid an chatha seadh é seo, a gcuid dhá scrios a's iad féin dhá ruagadh ó n-a dteinteán: dian, clamparach. Níl aon rud is géire 'ná an dúthchas: is é is mó do ghoilleann orainn: an rud a bhíos i nduine ó phréimh, is deacair a bhaint ná a scrios, cuirfidh in iúil é féin aon am, aon chuma, gan choinne leis. Dá ghéire a cuadhthas air d'iarraidh eólais do bhaint as a bholg dá aindeóin seadh is calcuighthe bhí sé ag éirghe 'n-a gcoinnibh: dá dhéine: dá mhéid a's dá dhéine do chuireadar rómpa. D'éirigh gaoth chruaidh, láidir a dhein an fharraige géar gur chonntabharthach dul uirthe: garbh, suaidhte: tonntacha árda, briste ann a's fuinneamh leó. An rud is giorra don gcroidhe is é is géire: níl aon rud is mó do ghoilleann orainn ná an rud is ceanamhla linn. Chuala scread ghéar a's d'aithnigheas go raibh duine éigin i nguais: liach: caol, árd a bhuail an chluas go grod. Labhrann sé an-ghéar, ní ceólmhar é a ghlór: neamhmín: garbh. Is mór an radharc duit an long san do thabhairt chun cruinnis an fhaid sin ó bhaile, ní foláir nó is géar an tsúil atá agat. Cluas ghéar nár mhór duit chun an bhodharáin cluig sin do chlos: teadhlach: mothúltach: bheadh i ndán breith ar ghlórthaibh an-ísle. Bí géar a's ná bíodh sé den diabhal ort leigeant dóibh teacht i nganfhios orainn: do shúil scúighte, aireach gan aon rud bheith fé n-a leith ná fé n-a feighle ná feicfidh sí. Is fearr de scoláire an dreatháir ach is géire go mór é seo, bíonn a thuairimidhe níos fuaimeantamhla: is doimhne meabhraidheachta chun rud do thabhairt fé ndeara agus do mheas 'n-a cheart nó dul amach ar an nidh ná bíonn soiléir. An-ghéar ar an aimsir do: is féidir leis tuar a's fáistinne do dhéanamh uirthe roim ré ó mheas cómharthaidhthe áirighthe. Bheadh do ghoile géar go maith anois a's a fhaid atáir id throscadh: faobhar ithte do bheith air. Más mian leat bheith in am caithfir luathughadh a's céim níos géire do bheith agat, ní dhéanfaidh sé an gnóth bheith ag cur na coise thar an gcois eile: níos prasa: níos tapamhla. Ní fhéadfadh gan broid éigin do bheith ortha ar an gcoisidheacht ghéar a bhí fútha: mear, tapaidh, neamhmall. Buail an t-iarann go géar faid a's bhíonn sé te: cruaidh, tapaidh. Cath cruaidh seadh é go bhfuilid ag dul fada, géar ar a chéile: a gcroidhe díchill dhá dhéanamh aca ag claoidhe a chéile. Barránach géar é sin go mbíonn a fhios aige cár cheart do a chuid airgid do chur chun breise do theacht air: glic, cliste, breithnightheach. Buachaill atá an-ghéar ar fhigiúiridhibh: i ndán iad do chaitheamh ar a chéile nó do réidhteach. Budh ghéar uaidh anois a dhéanamh amach ód dheallramh go raibh gaol eadrainn: léargas meabhraidheachta chun tátall do bhaint as rudaidhibh. Breith ghéar, sé mhí braighdeanais do chur air, mar gheall ar gheannc aráin do ghoid a's ocras air: dian: neamhthais. Ghearán sé go géar gur chlis Sasana a's an Fhrainnc air lé linn a bhroide, gur náire a's aithis dóibh a thréigean tréis a ngeallamhna go dtabharfaidís a lánchóngamh do: go mór a's go cáinteach. Ceartéiseacht ghéar nár fhág thíos ná thuas ar an leabhar é, maidir lé dearmhadaidhibh a's lochtaidhibh do nochtadh: neamhthais: dochaiseach. Teanga ró-ghéar aige dhom, níor mhaith liom a faobhar do tharrac orm: ró-ghearrthach: gonta: goirtightheach. Ná téighir ró-ghéar ar an dtalamh ar eagla go mbuailfeadh an bád: ró-athchomair. Ná fan chómh géar lé gruadh an bhóthair, fan amach 'n-a lár: rófhada leis an ngruadh. Chómh géar le bó mhaol atá sé: chómh dian ar dhuine ná beadh aige ach bó aonair, a's gan í ná raibh aon dul ar a malairt [fictear fé '**maol**']. Tabhair súil ghéar id

thímcheall ná dearmhadfair faic: cruinn, cuarduightheach. Chuir sé de chómh luath géar in Éirinn a's d'fhéad sé: go prap. Deoch ró-ghéar don leanbh é sin: deacair a thógáil le seirbhe. Rith sé go géar láidir, geallaim-se dhuit nár fhás puinn féir fé n-a chosaibh: mear, tapaidh, fuinneamhail. Tá sé chómh géar lé súil bric i linn nó lé súil gabha i gceárdchain: breithnightheach: faic ní théigheann amugha ar cheachtar díobh: ceachtar aca árd-aireach. "Na trí súile is géire – súil na circe i ndiaidh an ghráinne, súil an ghabha i ndiaidh an tairnge, a's súil na hainnire i ndiaidh a grádha" .i. is airighe agus is leanamhnaighe. Cad is géire ná focal amadáin nó dealg lathaighe: nuair thagann focal gonta ón amadán bíonn sé lánghonta a's dealg na lathaighe ní bhriseann, bíonn breis cao ar dul go beo, mar nách sínte bheadh sé. Na trí héisc is géire siubhal – rotha, rón a's rannach: is mó.

géar-: *a.* beacht, breithnightheach, dian, nimhneach, searbh, dochaiseach. Mara mbeadh a ghéar-aithne is fada buidheach go saoilfeadh cér díobh me: de bhuaidh aige go bhfuil inntin cliste, eólgaiseach aige. Dá bhfaghainn an trócaire ní fhéadfainn an t-ubhall neamhaibidh d'itheadh, tá sé ró-ghéar-bhlasta dom: ró-gharg, gearrthach don gcarabhat. Iasc géar-choinncíneach seadh an loch fharraige faid do láimhe de shoc uirthe: ceann fada, caol uirthe. Á, a bharránaigh leinbh! budh d'fhóbair duit an mhéar do chogaint díom, is agat atá an ghéar-déad: fiacla faobharacha. Nách iad an taoide a's an ghaoth ag cur i gcoinnibh a chéile a ghníos an ghéar-fharraige: gairbheacht mara. Thug sé géar-fhéachaint orm ná féadfadh aonne do dhearmhad ná gur lé míothaithneamh orm é: féachaint ghrod ná raibh cuma lághach ná mín innte. Géar-ghníomh ar na manaigh bochta lántréanas feóla a's ubh do dhéanamh: cruaidh, coiscightheach. Girrfhiadh géar-lútha a thugadh na cosa ó gach coin leis gur ceapadh go raibh fé dhraoidheacht: mire do-sháruighthe. Creid me leis ná fuil aon ghéar-mhuinghin agam as, mar bhí tástáil cheana agam air a's níor bh'fhear dá fhocal é: iontaoibh láidir. Is fada fé ghéar-nasc gen a mhnaoi é, oiread a's feóirling ruadh ní fhéadfadh do chaitheamh gan cunntas beacht, cruinn do thabhairt innte: smacht dian, dochaiseach. Gan géar-obair ní fhéadfadh Sasana an líonadh do chur in ionad an ullamhuighthe i dtreis ar thréig sí d'armáil a's de lónchogaidh i bhFlóndras: obair chruaidh, tapaidh. Mo mhairg, a's táid ag géar-phléascadh a chéile sa bhFrainnc na laetheanta so, fir ag tuiteam ar nós an fhéir ar gach taobh: pléascadh ar lán-dícheall go fíochmhar gan staon. Mara mbeadh tú do bheith chómh géar-radharcach ní fheicfeá lochta an fhir thall: chómh breithnightheach, scrúduightheach. Ar mh'anam-sa féin ná fuil daille ná caoiche ar sin gur b'é atá go géar-shúileach go bhfeicfeadh an frighe dhuit: súile aibeamhla, solasmhara aige. Tabhair goimh do ghéar-theangan ar dhuine éigin eile a's leig dem imdheargadh-sa: teanga fhaobhrach, ghoirtightheach. Ó, Dia linn a's Muire, tá géar-uireasbhaidh ag leanamhaint an chogaidh, na daoine ag sileadh leis an ocras ar gach taobh: ceal dochaiseach, trom.

géaradas: *f.1.* clisteacht, breithnightheach, gairbheacht. Ní gan géaradas do thugais fé ndeara an dearmhad san go bhfuil na céadta gabhtha tharais gan tagairt do: géire inntine: clisteacht bhreithnightheachta. Sáile go flúirseach ag teacht de dhruim na gunalach le géaradas an lae a's na farraige: gairbheacht: boirbe. Ní háil liom lionn ubhaill, tá an iomad géaradais ann: seirbhe: an blas mar bhíonn ar bhfínéigre. Maoluigh ar an ngéaradas, choidhche ní fhéadfainn coimeád cois ar chois leat ar an gcéim sin: luathacht coisidheachta.

géaraidheacht: *a. b.3.* biorantacht, seirbhe, boirbeacht: sár-chlisteacht: bheith chun rud do thabhairt fé ndeara nó do nochtadh: tuigsint dhoimhin: luathughadh. Géaraidheacht na gaoithe gheóbhaidh mara gclúduighir thu féin uirthe: nimhneacht a séidte a's a fuaire. Maith ar bith chun liatha (dathuighthe) níl sa bhainne sin tá géaraidheacht air: seirbhe: an t-atharrughadh a thagas air lé haimsir ag cur uachtair. Géaraidheacht na farraige ná taithnigheann liom chun iascaigh: a suaidhteacht: borradh a's briseadh. Níl aon bhaoghal ná gur dhein géaraidheacht siubhail a's a rádh go dtáinig suas leat ar a fhaid a bhís chun tosaigh air: luathughadh: breis mhothaluighthe. Lé géaraidheacht an fhir brathadh do d'aindeóin a lághaiche agus a mhuinnteardhachta do bhíodar leis go raibh a mhalairt ar bórd aca chuige: an feart a bhí ann rudaidhe neamhshoiléire do bhreithniughadh agus do mheádhachtaint. Mara mbeadh iad do bheith ag déanamh géaraidheachta orm-sa is fada buidhe go gcuirfinn cruisteach ortha: bheith ag griogadh orm: ag spochaireacht orm. Caith uait géaraidheacht anois agus labhair go mánla: bheith d'iarraidh brabúch d'fhagháil ar an bhfear thall gan adhbhar chuige. Táir ag dul ar ghéaraidheacht anois liom: ghá fhéachaint liom ceagainn is cliste: d'iarraidh brabúch do bhreith ar aon rud liobarnach a sceinnfeadh uaim. Níor ghéaraidheacht go dtí é an t-árthach aoir do dhéanamh: clisteacht mheabhraidheachta. Nách géaraidheacht mhór, dar leat, dul amach ar an saghas aimsire a bhíos romhainn: ionlas eólais. Duine gan géaraidheacht d'imtheóchadh na mílte rud 'n-a thímcheall i ganfhios: áirdeallach, breithnightheach: aireach: gastacht: faighiseacht.

gearán: (**greán**) *f.1.* casaoid: cáiseamh: ceisneamh: clamhsán: caoineadh: cúis, cúisiughadh, cneadach, galar. Is iomdha gearán agam air dá mbudh mhaith liom iad d'ainmniughadh: cúis míoshásaimh, lochta, etc. Sé gearán is mó orm, ceal airgid: gan é do bheith agam, míothaithneamh liom nách féidir liom gan a chur in iúil. Éist do bhéal anois agus ná bí ag gearán, níl aon rud a theastóchadh uait ná go bhfuil agat: ag ceisneamh: bheith ag cainnt go míoshásta i dtaobh an chuir atá ort. Ar an ngearán a bhí air feadh na hoidhche ar fad go gcloisfeá ag cneadghail amuigh ar an sráid é ní fhéadfadh gan tinneas diachrach do bheith air: osnaighil a's glór péine. An té nách truagh leis do chás ná dein do ghearán leis: ná dein a luadh go bhfuil aon rud bun os cionn leat a ghoileas ort. Gearán éigin sláinte i gcomhnaidhe air: díth sláinte: goilleamhaint. Cad é an gearán so ort anois?: cad tá ag goilleamhaint ort go bhfuilir ghá chur in iúil. Ag gearán ar an mbiadh, ar an bhfreasdal, ar na leapachaibh ar gach aonnidh: ag fagháil locht ortha. Bítear ag síor-ghearán ge baile orm: ag fagháil locht orm a's ghá chur in iúil dom. Ní duine mór chun gearáin é: d'fhuilngeóchadh sé cuid mhaith nó déanfí mórán díochúise air sara gcuireadh sé in iúil gur ghoill sé air. Deineadh gearán air leis na gárdaidhibh: innseadh rud éigin dóibh 'n-a thaobh gur bh'fhéidir cúis dlighe do dhéanamh de. Tá na diabhail bochta ag gearán aráin leis an ocras: ghá lorg chun iad do choimeád beó. Is maith an gearán san, ocras do bheith ort, tá biadh siar síos annso agus tarrac air agat: rud a ghoilleas ar an gcorp. Bíonn cúrsaidhe gearáin ag an nduine bocht seachas cách: adhbhar labhartha ar an easbhaidh a bhíos air.

géarán: *f.1.* púróg fhaobhrach, tanaidhe 'n-a ciumhaisibh: úirlis ar sháil marcaigh go mbior nó mórán bior ag casadh ar roth chun baothán capaill do phriocadh leó. Tá do ghéaráin féin agat a's capall dhuine eile .i. is cuma leat an déanamh dá olcas do bhainir as

chuid chách óir nách ort do luigheann an dochar. Pollfí buinn rothair nó gluaisteáin go bog ar an mbóthar san mar ná fuil ann ach géaráin: mionchlocha go bhfuil faobhar ortha.

géaránach: *a.* garbh, aimhréidh. Áit ghéaránach ná féadfá siubhal cosnochtuighthe ann: go bhfuil púróga géara cloch go flúirseach ann.

gearánach: *a.* casaoideach, tormasach, clamhsánach, cneadach, ceasnuightheach. Bítear gearánach air go bhfuil sé an-dhíomhaoin: lochtach: casaoideach: ghá chur in iúil do go neambalbh ná fuiltear sásta leis. Duine gearánach seadh é gur deacair a ionnrabháil: claon lé locht d'fhagháil 'sa luadh ar bheagchúis. Lé seachtmhain anois tá sí an-ghearánach ar a cliathán: tá tinneas ann nó iomard éigin atá ag goilleamhaint go mór uirthe. Is gearánaighe go mór do bheinn ar a muinntir ná cuireann smacht ortha 'ná ar an gclainn féin: is mó do gheóbhainn locht ortha. Chloisfeá gearánach amuigh ar an mbóthar é: duabhais a's cnead ann ag tinneas. Níor cheart d'aonne bheith gearánach go mbeadh a shláinte aige: ag luadh go truaighmhéileach go mbíonn easbhaidh ná ceasnaidhe air. Gearánach laistigh a bhí air nár bh'fhéidir lé haon dochtúir dul amach air: galar nó iomard. Ná bí gearánach liom-sa mar is cuma liom rud ort nó dhíot: ná bí ag cur do cháis in iúil dom. Má tá cúis agat orm bí gearánach orm san áit go bhfaghair do shásamh: cuir an díochúis in iúil ann.

gearánaim: *b.a.* 7 *n-a.* déinim clamhsán, casaoid, ceisneamh: cúisighim: cuirim goilleamhaint in iúil. "An té a ghearánas luath maireann i bhfad!": an té a bhíos ag clamhsán ó n-a óige dho go mbíonn díth sláinte éigin air etc. Gearánfad thu: déarfad lé duine éigin go bhfuil smacht nó cómhacht aige ort go bhfuilir ag déanamh mícheart. Ghearán an máighistir an garsún lé n-a athair go raibh sé díomhaoin, crosta ar scoil: chuir sé in iúil do an méid mícheart san. Ná gearán, d'fhéadfadh an scéal do bheith níos measa agat, an-ádh a bhí leat a's teacht chómh saor: ná bíodh aon chasaoid ort: ná braith go bhfuil aon díoghbháil déanta dhuit. Dá luighinn nuair ghearánas ar dtúis ní dócha go raghadh an slaghdán so i gceangal chómh mór orm: nuair bhraitheas gan bheith ar fóghnamh. Ná bí ag gearán liom-sa: ghod cháiseamh féin.

gearánta: *a.r.* locht, iomard, easnamh cur in iúil. Ní gearánta dhuit a bhfuil ort a's ar ghabhais thríd: níl aon chúis agat bheith ag cur do mhíoshásaimh in iúil. Ní gearánta ar aonne tosach na carthanachta do bheith aige féin: níl sé ceart ag neach bheith ghá mhilleánughadh mar gheall air. "Ar ghearánta dhom gan freagra do thabhairt ar an leitir?" – "dob eadh": ní raibh sé ceart gan san do dhéanamh. Is minic gearánta é dá mb'aon mhaith é ach mara chéile milleán do bheith air nó ar an muir: milleán curtha air. Is fada, fada gearánta an fear san, níor chuir cos as a leabaidh lé ciantaibh: atá sé tinn, breóidhte.

gearbh: *b.2.* clamh, carra, carrachán, screamh ar chneadh, fadhb mhéiscreach. B'fhéidir go bhfágfadh an cogadh so gearbh ar Sheán Bhuidhe: an tinn go trom: rud ná cneasóchadh go ceann i bhfad. An Iodáil i lár tíorthaibh eile an domhain díobh so a bhí neamhpháirteach is mó do bhí ag dóghadh girbe Sheáin Bhuidhe d'iarraidh í do choimeád ar a láimh: ag déanamh buaidheartha dhi. Nách gránda géar an ghearbh an Tiaracht, í chómh hárd, tairngthe, aimhréidh: carraig mhéiscreach. Rud atá lán de ghearbhaibh é sin: a chneas briste amach: salach, suarach. Cuma an-mhíoshásta indiugh air, chuir rud éigin

gearbh air: ghoill rud éigin air chun é do bhuaidhreamh. Seachain an ghearbh aige, ná dein aon tagairt dá chuid airgid: an nidh is mó ghoileas air ar thagairt do. Is minic ná imthigheann sean-ghearbha lé haimsir: seanchúiseanna.

gearbhach: *a.* clamhach, carrach, méiscreach, garbh, aingidhe, soifheirge. Go bráth ní fhéadfainn siubhal ar an gcarraig ghearbhaigh (ghirbhigh) cosnochtuighthe: gach aon bhior ag dul tríom bhonnaibh: méiscreach: biorach: fiaclach. B'éigean dom fágaint bhíodh an saoiste ró-ghearbhach liom, faic dá ndéanfainn ní shásochadh é a's bhíodh ag gabháil díom 'n-a thaobh: meirgeach: deacair do shásamh. Cnoc ró-ghearbhach ná féadfadh bheith go maith d'aon ainmhidhe: garbh, achrannach. Beir-se gearbhach im dhiaidh-se mura n-iomcharuighir thu féin agus leigeant dom: beidh rian tinn ort.

géar-chúis: *b.2.* clisteacht, breithnightheacht. léargas tuigseana, meabhraidheacht, seanchrinneacht, gliocas. Dá mbeadh aon ghéar-chúis ionat is maith dob eól duit ó fheádhannaibh na hIodáile ó thúis an chogaidh go luighfeadh sí ar thaobh na Gearmáine: éascaidheacht incheann chun imtheachta do thabhairt fé ndeara a's do mheádhachtaint: tátall do bhaint as chúrsaidhibh dréir cómharthaidhthe. Captaen gan aon ghéar-chúis san aimsir dob eadh é, ní fhéadfadh tuairm tuair ná fáistinne do thabhairt uirthe: gan ann comharthaidhthe do scrúdughadh ná tátall do bhaint asta. Lé géar-chúis cheart atá na húirlisidhe áidhbhéile cogaidh seo déanta gen Almáin: gliocas. Bíodh géar-chúis ionat i dtabhairt gach duine fé ndeara a's ná héaluigheadh do dhuine uait gan breith air: bí scrúduightheach, breithnightheach, dícheallach. Aon eagla puinn ní gábhadh dhuit do bheith ort go dtabharfaidh sí fé ndeara thu, bean mhaol gan géar-chúis seadh í: gan bheith éascaidh 'n-a meabhraidheacht ná n-a feighle imtheachta, ná rudaidhe do bhreithniughadh go pras. Géar-chúis tar barr do brigh an fhocail dhorcha, dhoiléir úd do mhíniughadh: sár-eólas inntleachta. Breis ghéar-chúise san ndream atá suas anois seachas an dream a tháinig rómpa, féach an craolachán, an t-eiteallán a's a huile cuimhneamh i bhfad níos mó inntlidheachta ionta: an feart chun rud nách eól do nochtadh. Géar-chúis mhór ag baint leis an dtaisceadán san nách féidir oscailt gan a dhiscréid: gliocas a's inntlidheacht 'n-a dhéanamh. B'fhearr liom, dá bhféadainn é, gan aon bhaint do bheith lé dlighe agam, an iomad géar-chúise ag dul léi dómhsa: gastacht ghlic dom thuigsint. I dtosach ag cur 'sag cúiteamh do bhíodar ach chuadar chun géar-chúise ar a chéile: ag faire 'sag ionsaidhe a chéile i mbréithribh gonta.

géar-chúiseach: *a.* gonta, cliste, meabhrach, tuigseanach, glic, breithnightheacht. Níor thug aon dochtúir fé ndeara riamh máchail laistigh do bheith air ach dochtúir géar-chúiseach gur dheacair rud do bheith fé n-a chuardach: cliste ar dhul amach ar iomard. Nách géar-chúiseach an leanbh é go n-aithnigheann airgead bán do thógaint roim airgead ruadh: an méid sin tuigseana ann go bhfuil a fhios aige ceaca is luachmhaire. Dá luighead an mhiontsamhail nadhbhóige í nách géar-chúiseach atá gach máille fuinnte fáiscighthe ar a chéile: sár-chéardamhail: ealadhanta. Dá dtuiteadh rith focail ort dar leis go bhfuil sé chómh géar-chúiseach san, go gcuirfeadh sé in iúil ar an thap ort é: cliste, líomhtha, léir i mbreithniughadh dearmhad. Duine an-ghéar-chúiseach a shúncálfadh a chuid airgid in aon earraidheacht go mbeadh, dréir a thuairme, éirightheach: cliste, tuigseanach i smaoineamh a thairbhe.

géar-fhocal: *f.1.* cainnt nó carbhall gonta, íogair: cainnt chliste, cleithmhagadh. Ag tabhairt na ngéar-fhocal dá chéile: ag ionsaidhe a chéile go gonta leis an dteangain: ag dul dian ar a chéile. "An té gur cumhang leis a bhróg is cumhang leis Éire", sin géar-fhocal má bhí a lithéid riamh ann: deirtear cuid mhór chéille i mbeagán focal. Chas sé leis an nduine macánta gur chladhaire a athair a's níor ghábhadh dho an géar-fhocal do bheith aige.

géar-ghábhadh: *f.1.* focal goirtightheach, easbhaidh íoguir: ceal trom: riachtanas dochaiseach. Is ag an bhFrainnc atá an géar-ghábhadh lé breis fhear a's armála an aimsir seo chun í féin do chosaint ar an uathbhás nirt a's armála atá ag gabháil lastuas di: dáil nó aiste chruaidh uirthe ná fuil na rudaidhe aice nár mhór di chun a saortha. Beidh géar-ghábhadh agat lé dochtúir má chuirir cos ná lámh leat 'n-a n-achrann súd: teastóchaidh dochtúir uait chun do chneasuighthe. Aon áit go bhfuil lorg an chogaidh so ag gabháil ní géar-ghábhadh go dtí é ar an bpobal: ceal na rudaidhe atá riachtanach dá marthain a's dá mbeatha. A's me ag snámh tháinig crampaidhe im ghéagaibh a's bhíos i ngéar-ghábhadh gur fóireadh orm: i gconntabhairt mo bháidhte. Is leór do mar tá sé, mar is iomdha géar-ghábhadh a rug air – ocras, duadh, bás, etc.: cruadhtan trom. Ní mór liom duit púnt nó dhó ar iasacht, níl aon ghéar-ghábhadh agam leis ar an uain: is féidir liom déanamh gan é. Ní heasbhaidh atá orm, a dhuine, ach géar-ghábhadh: ceal orm atá chómh riachtanach san nách féidir déanamh gan é. Géar-ghabhádh ort!: aindeise.

géar-ghábhtarach: dian-easbhaidhtheach, dealbh, ró-riachtanach. Na teallairidhe sin gan righe gan riar atá go géar-ghábhtarach lé smacht do chur ortha: ar an ndáil atá ortha is éigean iad do smachtughadh. Tréis a lae chruaidh bíonn sé géar-ghábhtarach lé sos: ní mór do sos. Toisc an éisc do theip ortha a's gan aon tsaghas eile maireachtana aca táid géar-ghábhtarach: teastuigheann gannaidhe na beatha uatha.

géar-ghlas: *f.1.* greim daingean dubhach; carcar. Fuascail me, tá mo ghéaga i ngéar-ghlas fén ualach: ceangailte: doscaoilte. Beidh sí i ngéar-ghlas ar feadh deich mbliadhan i dtaobh a cortha: i gcarcar. Duine saor mise ná fuil fé ghéar-ghlas ag neach chun a thola do dhéanamh: fé chuing: fé smacht. Leis an ngéar-ghlas atá ge n-a mhnaoi ar a bhéal ní leigfeadh eagla don bhfear bocht cur chun labhartha: an smacht scannramhail.

géar-ghoile: *f.4.* goile guilme: faobhar ithte. Tréis geábha ar an bhfarraige bíonn géar-ghoile agam: mian íogair chun bhídh. Géar-ghoile atá ag cur air, ní réidhtigheann biadhanna áirighthe leis: neamhdheighleáil bídh.

géar-ghoileach: *a.* guilmeach. Fiche uair ist ló indiugh d'íosfadh an barránach dá bhfaghadh sé é, is é atá go géar-ghoileach: faobhar ghuilmeach ithte air.

géar-ghoin: *b.2.* gortughadh mór: bascadh diachrach. Mo ghéar-ghoin gan me ar mo dhúthchas ní im chaonaidhe aonair do bheinn ann mar táim annso: mo mhairg. Na fir bhochta treascartha, sínte ar pháirc an chatha a's a ngéar-ghonta ag tabhairt fola gan freastal: créachta cuirp.

gearr: (**gearra**) *a.* gan puinn faid, gan ach tamall beag do shroicheamhaint, neamhárd, (am) grod, neambuan, sara fada, duthain: sciotuighthe, gann, easbhaidhtheach, athchomair. Más gearr é do scéal is greanmhar: gan faid: gan ach beagán ann. "Is giorra cabhair Dé 'ná an doras": is athchomaire: níl an tslighe nó an aimsir go dtí é chómh fada. Pé fada gearr ar an saoghal me níor bhuail a lithéid de thinneas me: péaca tamall mór nó beag. Dubhradh leis bheith ar ais go luath, 'sis air budh ghiorra a dhéanamh: is é ná raibh an ró-mhoill air. Buachaill gur ghearr leat bheith 'n-a chuideachtain, tá aige an oiread scéalta a's eachtraidhthe: mheilfeadh an aimsir í féin gan choinne agat. Ró-ghearra, níl na cnámha fúm ní shroichfeadh mo lámh an strapa os mo chionn: neamhárd. Gabhair thobac orm lé dhá lá, táim rithte gearr ann: bheith 'n-a easbhaidh. Tá sé ráidhte riamh, "dá ghiorra dho dhuine a chóta gur giorra 'ná san do a léine", tusa go gcabharfad leis ós gur leat is mó mo ghaol: níos buailte leis. Bead ag fágaint go gearr anois: i gceann tamaill bhig. Go gearr 'n-a dhiaidh san do saoghaluigheadh me: gan mórán aimsire d'imtheacht. Ná bíodh aon mhilleán agat orm nár labhras leat, ní feaca thu, táim gearr sa radharc: ní fheicim faid mhór ó bhaile lém shúilibh. Lá gearr riabhach atá ann anois tímcheall na Nodlag, ní fada ó bhaile bhéarfá solas leat: lá beag. Is gearr lé dul púnt sa tseachtmhain ar dhuine chun a chothuighthe: ní mór an seasamh do dheineann sé. Is gearr an mhoill air smut de bhóthar do chur de, is é atá go mear, éascaidh: ní mór an aimsir do chaitheann sé leis. Is giorra 'ná san an mhoill ar an mbás teacht: go hobann nuair is lugha do bhíonn coinne leis. "Gur gearr caithréim an drochdhuine agus gáirdeachas an fhuar-chráibhthigh ná fuil acht ar feadh tamaill" (Iób XX. 5): grod: duthain: neambuan. Budh ghiorraide do shaoghal ocras a's cruaidh-obair: dá ndeascaibh ní bhfaghfá saoghal cosamhail. Shiubhalas fada a's gearr ar do lorg gan tú d'fhagháil: áiteanna i bhfad ó bhaile agus in aice. Geimhreadh gearr dob eadh an geimhreadh seo caithte: gur thosnuigh a's gur chríochnuigh an fuacht go luath. Cuimhne ghearr ar an maith do deineadh duit: ná maireann ach seal beag: neambuidheach. Chun scéil gearr do dhéanamh do d'éag sé de dheascaibh a ghéarghonta: chun críche do chur air i mbréithribh groda. Téarma gearr seadh mí breóidhteachta, leis, nuair thagann duine chuige féin: aimsir go n-imthigheann a cuimhne. Freagra gearr ar aonne seadh a rádh gur cuma leat: freagra giorraisc. "Ní hé an té is giorra dhuit ach an té a oirfeadh duit": an té budh ghaolmhaire dhuit ach an té a dhéanfadh do mhaith gur chóra duit do bheith mór leis.

gearr(a)-: *i gc.fh.* grod, beag, cuibheasach. Beidh gearra-phrátaidhe (maithe) sa ghort san ar na gais atá air: cuibheas mór. Brostuighimís, níl againn acu gearr-aimsir: aimsir nó sealad ná fuil dóthanach. Lá gearr-earballach é seo ní mór bheadh déanta agat ó lár lae amach: tráthnóna gan faid. Duine gearr-shaoghalach do dhéanfair is eagal liom má leanair ded dhrochúsáid féin: gheóbhair bás luath. Bhuail sé chugham ar ghearr-shodar fé n-a ualach: fé dheabhadh maith. Chaith sé gearr-thamall maith i Mearaice: bliadhanta maith: deich mbliadhna nó mar sin. Gearr-fhear fuinneamhail: fear teann, déanta os cionn aoirde cosamhla. Connus bheadh rás ann a's é chómh gearr-loirgneach: gan cosa fada do bheith fé.

gearra-guirt: *f.* tradhna.

gearrachán: *f.1.* cáinseáil, scaramhaint nó deighilt lé húirlis ghéir: laitiméireacht. Ní gearradh atá tugtha ar an bhfeóil ach gearrachán, a furmhór imthighthe 'n-a roilleach:

gearradh neamhghlan. Na tuireasca móra a bhíos i muileann adhmaid is áidhbhéil an méid gearracháin do dheinid: an saothar gearrtha. Go lághach léd bhéal a's ag gearrachán taobh thiar díot: ag ithiomrádh.

gearradh: *f.* (*-rrtha*) deighilt, scaradh, faobhair, scoltadh, bearradh, baint, siubhal, fuadar, ath ithiomrádh, cnádán, ag bualadh (cíos, cáin etc.): créacht i gcorp nó i dtalamh: dobuan. Aonne a gheóbhadh léab dá teangain buirb bhrathfadh sé a gearradh: a goimh: a nimh: a goilleamhaint ghéar. Gan baoghal tá gearradh sa sciain – gaibheann sí tríd an dtobac ar nós na rásúrach: feidhm a scartha ó chéile 'n-a shleamhancaibh. Mo thruagh an Fhrainnc, is iad a cuid fear atá ag fagháil an gheárrtha, iad dá gcur dá dtreóir 'n-a míltibh: an slaodadh: an marbhadh. Gearradh luach gan aon deallramh ar ím seadh tuiteam ó scilling go réal an púnt: tuiteam: luigheadughadh géar. B'fhearr liom an ceann do ghearradh dhíom 'ná a lithéid de tharcuisne do thabhairt d'aonne: do bhaint díom lé húirlis faobhair. Gearradh iongtach do spealadóir an méid sin síol féir do bhaint: spealadh buanadh. Táilliúir gan aon chrích a dhein do chulaith, níl aon ghearradh uirthe – féach cumhainge na muilchirtidhe a's fairsinge na ngualnan: módh cúmtha. Fuaireas gearradh im bheathaidh nuair chonnacthas an abláil oibre a bhí im dhiaidh: cáineadh a's lochtughadh. I ngearradh an éadaigh a bhíos a dhéanamh: dréir mar bhíonn na balcaisidhe cúmtha leis an ndeimheas. Tiocfaidh san isteach i ngearradh an éadaigh dom go binn: oirfidh sé dhom díreach mar tá sé: bead-sa i ndán áis thairbheach do bhaint as. Bíonn cuid des na leanbhaidhibh an-bhreóidhte nuair bhíonn gearradh fiacal ortha: na fiacla fásta go dtí san go mbíd ag péacadh tríd an ndranndal. Ag gearradh na gcártaidhe: ghá scugadh: ag tabhairt a choda féin dos gach aonne. Ag gearradh des na cártaidhibh: ag tógaint coda uachtaraigh den bpaca agus ag nochtadh an chárta is ísle do tógtar chun fios d'fhagháil cé dhéanfadh iad. Bí ag gearradh leat faid bheidh eaga agat: ag cur díot go luath mear. Ag gearradh do scórnaighe dob fhearr leis an ainscian san do bheith: ag tromaidheacht a's ag suainseán ort. Nách mór an gearradh brághad gur b'éigean dom leath mo shaothair do thabhairt duit gan bhuidheachas: crádh a's clipeadh. D'fhág an tuile an bóthar lán de ghearraidheachaibh go raghadh capall síos ionta: créachta, puill. Rian geárrtha treasna an chorráin ann mar a bhfuair sé stiall claidhimh: oscailt nó scaradh cneasa. Cé déarfadh nách mór an gearradh siubhail fé haon tsaghas báid ar an uisce fiche míle san uair an chluig: fuadar a's réim siubhail. Á, an gearradh fuair an t-alt do scríobhas ó dhuine éigin: ceartéis ródhian, róghéar. D'ith sé rud éigin nár réidhtigh leis a's tá an gearradh ó shoin air: dobuan. Chonnac ag gearradh na ngort é, d'iarraidh me do shárughadh: ag gabháil an cómhgar. A's an breitheamh ag gearradh príosúin fiche bliadhan ar an mbráighe dubhairt go raibh a choir go ró-dhéistinneach: ag tabhairt breithe. "Cuir chugham mar an gcéadna crann céadais, etc. óir is eól dom gurb eólgach do shearbhfhógantaidhe-se ar adhmad do ghearradh i Leabanon." (2 Croinicidhe II. 8): do ghreanadh, do chumadh in aon fhoirm is mian leó. Chrom an saoiste ar obair an lae do ghearradh dhúinn, cuid againn ag iomchar chloch, cuid againn ag déanamh mhairtéil: ag riar a choda féin chun gach aonne. Gearradh cnámh ort!: díth go raibh ort! Ar bheith do mharcach aca ag gearradh amach ar mharcach eile, thairng seisean a lasc air treasna an leathchinn: ag géarughadh air: ag gábháil tharais.

gearrádóir: *f.3.* duine a ghearras. Drochghearrádóir an táilliúir úd níl luid den déanamh ar do chulaith: ní heól do connus na balcaisidhe éagsamhla do bhaint amach as an mblúire.

gearraid: (**geairrid, gairid**) *a.* athchomair, mear, pras, sprionnlaithe, i bhfogas, cómhgarach. Is gearraid uaim anois: ní fada ná go mbead réidh: go mbeidh deireadh agam, go bhfaighead bás: go dtárlóchaidh rud éigin go raibh coinne agam leis. Ní gearraid ó bhaile in ao'chor Áth Cliath ó Chorcaigh: tá sé seal. Go gearraid anois beidh an geimhreadh againn sid é Deireadh Fóghmhair: sara fada. Go gearraid i ngaol dom, a dó a's a dó: go dlúth. A Dhia, ná beir gearraid ar mh'anam: ná scuab as an saoghal me gan eaga aithrighe do thabhairt dom. An bhféadfá iasacht airgid do thabhairt dom, táim rithte gearraid: tá a cheal orm toisc é bheith caithte agam. Níor bh'aon duig leis sin bheith ag tnúth leatsa nó liomsa, ach tá sé chómh gearraid sin do féin ná déanfadh a chion choidhche: sprionnlaithe: cinnte: cruadhach. An bhó gearraid do bhreith: nách fada ná go mbeidh laogh aice. Nuair ná bíonn ach go scartar díreach lé haon nidh, deirtear: - "budh ghearraid do". Daoine an-ghearraid seadh na Franncaigh, lasfaidís ar mhúngo mhanngó: an-thapaidh: lasánta: sochorruighthe. Bí gearraid dom i slighe a's ná beidh orm éigheamh ós árd ort: bí athchomair dom: im aice. Ró-ghearraid an eaga bhíonn an tubaist ag teacht: tapaidh gan choinne léi. Budh ghearraid an iarracht í: thárlaidh sí go hobann, ach budh ghearr(a) an iarracht í: níor mhair sí i bhfad. Thaithnigh an ball liom gur ghearraid liom do bhíos ann: budh thaithneamhaighe liom bheith níos sia ann.

gearr-aighneas: *f.1.* táthaireacht, pastaireacht. Gach re seadh grod ar fhaobhar a's ar fhulang. Níl aon cheal gearr-aighnis ort, ní bheir chun deireadh lé haonne a bhíos ag spochaireacht ort: cainnt tharcuisneach, neamhthláith. Atúrnae maith ní headh in ao'chor é chun cúise dhuine do thagairt, ach tá gearr-aighneas go seóidh aige i gceistiúchán: cainnt in iarracht duine do chur amugha lé giorraisc a's sceaimhínteacht. Is fearra dho go mór bheith ag tabhairt gearr-aighnis dom-sa ná crích do chur ar pé gnóth atá aige (searbhas): bheith ag coimeád ceann cuinge liomsa go fuairthéidheach.

gearr-aighneastóir: *f.3.* pastaire, táthaire, bruadaire. Do chomórtas istigh anois leat, gearr-aighneastóir ná leigfidh puinn ded theangain leat: cainnteóir a thabharfas gach re seadh dhuit: ná beidh aige dhuit ach an géarfhocal. Nár bh'é an gearr-aighneastóir adubhairt nár bh'fheadair sé cad é an dath a bhí ar an lá ach go raibh sé fuar mar charbhall ar "lá glas": pastaire: duine go raibh a theanga ró-phras gan bheith béasamhail. Gearr-aighneastóir maith seadh S. is beag go leigeann do an focal maith do bheith aige: géar, grod, íogair.

gearraim: *b.a. 7 n-a.* scoiltim, deighlim nó scaraim lé faobhar, bainim, ciorrbhuighim; aoraim, gonaim, goirtighim; leagaim cáin, cíos, etc. ar, scughaim, socruighim, riaraim, deinim cómhartha. In ainm Dé, bíodh grásta agat a's gearr(aidh) fíoghar na croise ort féin a's abair do phaidreacha: dein an comhartha san. Gearr(aidh) amach annsan ar an bpáipéar log an chatha fé láthair: dein dréacht de: sín amach é mar tá go dearbhtha. Gearraidh treasna annsan leis an ráinn: dein riasta ann: iompuigh fód ann. Gearraidh air. Níl sé agat fós: lean ag tabhairt faobhair do go ndeighlir 'n-a chodaibh é. Gearraim-se na cártaidhe an turus-so: scúigh iad: tabhair a chion féin dos gach duine. Gearr(aidh) amach

iad: scúigh iad lom díreach. Ná gearr treasna na ngort, tá sé achrannach: ná gaibh (go mear). Gearradh siar san mionairgead me: níor tugadh mo cheart dom: deineadh éagcóir orm. Gearradh fíneáil chúig bpúnt orm: chuir an dlighe an méid sin duaidhnéise orm. Ghearras dóibh: dheineas beart gur féidir leó, má thig leó, buadhachtaint air. Chaith sé an léim budh shia riamh a's d'fhág sé gearrtha é: mar chómhartha gaisce. Gearraidh gruaig, féar, coirce, etc. Gearraidh an t-éadach: cúm nó ceap é le deimheas chun a fhuaighte 'n-a chulaith. Ghearraidh an capall dubh amach ar an gcapall eile: sháruigh sé i rith é. Ná gearr leis an dtalamh: ná fan in athchomaireacht do. Níor gearradh na gamhna fireanna in am, nílid glanchoillte: níor baineadh na clocha asta. Gearradh an crann: teascadh é: deineadh coda dhe. Chúm sé filidheacht a ghearraidh me: a ghoirtigh me lé n-a goimh. Is líomhtha do gearradh na clocha san: snoigheadh: greanadh. Gearradh chúig céad púnt táille sa mbliadhain do as a ndeárna sé: leagadh do é: thug an lucht ceannais do an méid sin. Ins an udhacht níor ghearraidh sé oiread a's pingin ruadh dá mhnaoi: níor dháil sé uirthe as an maoin d'fhág 'n-a dhiaidh.

gearrán: *f.1.* capall coillte. "Cár fhágais an fear eile?" – "i dtigh go raibh gearrán bán i mbéal dorais ann" .i. áit badh dheacair do dhuine neamhchruinn d'fhagháil airís. "Cé innis duit an scéal ait sin?" – "fear an ghearráin bháin" .i. príochán dubh éigin: fear na gealaighe: duine fáin. Thug sé speach ghearráin don ngarsún budh ghiorra dho ar scoil chun é do chur ag béicigh: buille beag den méir theasbáin ar n-a léimeadh den órdóig.

gearr(a)anáile: *b.4.* an anál do bheith ag teacht 'n-a treathaibh obanna, duaibhseamhla; múchadh. Chuir an t-árd a's an t-ualach gearr(a)anáile orm: saothar trom. Cliath ar a ucht ná féadfadh labhairt ag gearr(a)anáile: tarrac suas.

gearr-análach: *a.* an anál do bheith briste ann. Ní cheannóchadh aonne an capall céadna mar nuair cuirtear ag sodar nó ag rith é bíonn an anál ag stad go hobann air. Tá sé gearr-análach: an anál briste aige: snag innte. Toisc an duaidh thar mo riocht do chuireas orm féin táim gearr-análach, fan go dtairngead airís í, caithfead sos do dhéanamh. Nuair bhíonn ceódh ann ní réidhtigheann sé leis, a's bíonn sé gearr-análach: duadh tarraic anála.

gearr-análaighe: *b.4.* gan análadh cosamhail do bheith (ag). Eólas rámhaidheachta go maith aige ach tréis an áirighthe sin caitheann stad lé gearr-análaighe: claonadh lé teipeadh na hanáile: snag i dtarrac isteach nó i dtiomáint amach aoir ós na scartachaibh.

gearr-bhodach: *f.1.* tíoránach beag, staigín, duine mursanta thar a ghustal nó a chómhacht. Gearr-bhodaigh an bhaile mhór ná beannóchadh sa tsráid duit, gur dhóigh leat ortha gur leó an dúthaigh: staigínidhe: daoine lagshaidhbhire. Gearr-bhodaigh theasbamhla gur ráinig airgead a's ionmhas iad go neamhthuiseach, a's a bhíos d'iarraidh mursantacht a's taidhbhse d'fhoillsiughadh. Budh thusa an gearr-bhodach ar aonne go mbeadh beann aige ort, is tu a chuirfeadh in iúil thu féin: tíoránach.

gearrcach: *f.1.* éan óg sa nid nó sara mbíonn an chleiteach (idir chlúmh a's chleitidhibh) fásta go hiomlán air; bunóc. "Níl aon éan ná haithneóchadh glór a ghearrcaigh féin": fág fén máthair gearán a leinbh do thuigsint. "Trí chéile, a chlainn", ars an dreóilín lé n-a chuid gearrcach nuair tháinig an namhaid ar a lorg féin: óga (budh dheacair é

d'aithneamhaint dréir toirte uatha). Fágadh n-a ngearrcaigh dhearga iad ge n-a máthair tréis bháis a n-athar: an-óg. "Is geal leis an bhfiach dubh a ghearrcach féin": pé dath nó crot a bhíos ar laogh na bléineann is ionmhaine leis an mháthair féin é 'ná gein aon mháthar eile. Sid é, gearrcach béil nide an tighe: peata beag a mháthar: a potfiadhtar. Bíonn a bhéal ar leathadh aige i rith an lae ar nós an ghearrcaigh: ar lorg bídh.

gearrchaile: *b.4. & f.4.* cailín óg suas go cúig déag nó sé déag (focal fáin seadh é). "Mo ghearrchaile bocht agat" ars an bhean i dtaobh a hinghine a bhí go hárd sa fichididhibh. Cainnt siar síos aige, níl aon mháchail ar an ngearrchaile dearg aige!: an teanga. "Tá triúr gearrchailidhe sa tigh", déarfí san a's iad do bheith ionphósta. "Mo chlann inghean-sa ró-óg fós chun pósta níl ionta ach gearrchailidhe" – "má seadh gur gearrchailidhe iad go mbeadh gearrchailidhe aca!" .i. in aois oirfirte. Gearrchaile cómhghaol an fhocail garsún. "Garsúin a's gearrchailidhe", buachaillidhe a's cailínidhe. "Maith an gearrchaile!" déarfí lé baineannach mná ar bith.

gearr(a)chainnt: *b.2.* cainnt nó freagracht ghrod, pastaireacht. "Chuirfeá aonnidh amach ach bainne a's uisce!" (carfhocal) – "ceal gearr(a)chainnte níl ort": pastaireacht: neambéasach: droch-thagarthach: brabúsach. Ná fiafruigh faic de san mar ná faghfá uaidh ach gearr(a)chainnt: freagraidhe geairride míbheasacha. Chun oibre leat a's cuir uaim gearr(a)chainnt: bheith ag tabhairt gach re seadh dhom.

geárrtha: *a.r.* roinnte lé faobhar: scoiltighthe, deighilte: leagtha: bainte (arbhar etc.): coillte, duaidhnéis príosúin nó airgid do bheith leagtha ar dhuine i gcúiteamh cionnta. Ainmhidhe geárrtha seadh é, ná feicir gur bullán é: coillte. Sin í an obair geárrtha amach anois díbh a's deinidh í: sínte nó leagtha amach: gach aon rud atá lé déanamh curtha go soiléir. Is é mo chroidhe atá geárrtha agat ó bheith ag déanamh buaidhrimh dom: goirtighthe, mar sáidhfí scian nó úirlis faobhair tríd. Ó bheith ag gabháil ar a chéile bhíodar geárrtha laitighthe: an croiceann deighilte ó chéile go raibh an fhuil ag rith. Níl na barraidhe geárrtha fós: bainte: an chos deighilte ón bpréimh lé faobhar. Táim geárrtha amach ar fad as udhacht m'athar: níor fágadh buannacht agam ar phioc di. Cuir na cártaidhe geárrtha os chómhair na n-imirtheóiridhe: iad so atá riartha amach. Ar bheith don íoc geárrtha ar na feirmeóiridhibh: buailte an áirighthe sin fén bpúnt. Casán geárrtha trí lár na ngort: riastuighthe: déanta chun siubhalta air. Ceaca cos leis atá geárrtha dhe: teascuighthe: cuid nó í go léir bainte dhe.

gearrthach: *a.* géar, tolltach, neamhmilis.

gearrthóir: *f.3.* duine a ghearras éadach lé haghaidh culaithe do dhéanamh de: suiséal fuar chun iarainn do theascadh: meastóir. D'aithneófá ar chríochnughadh na culaithe gur ghaibh sí fé ghearrthóir maith: fear a thuig connus na baill do dheighilt amach as an mblúire éadaigh lé deimheas. Gearrthóir cliste nár cailleadh ainmhidhe 'n-a dhiaidh riamh: coillteóir. D'imthigh an barra den ngearrthóir a's ní scoiltfeadh aon iarann choidhche go gcuirfí faghairt ann: suiséal fuar. B'é sin an gearrthóir is fearr go raibh ucht coirce roimis amach riamh: buanaidhe. Cuir a chodladh an gearrthóir teangan san agat, ní théigheann lag uirthe ach ag bearradh na ndaoine: teanga ghéar, cháinteach.

géarsmacht: *f.3.* ceannaireacht, úghdarás, riar dian, dianghéilleadh, tíoránachas. Nár mhór an géarsmacht a bhí ar dhaoinibh nuair nár bh'fhéidir leó capall do bheith aca gur bh'fhiú thar chúig phúint é: an tslat láidir úghdaráis a bhí os a gcionn. Oiread a's drundum ní féadaim do labhairt lé géarsmacht gem mhnaoi orm os a cómhair: cómhacht eaglach: ceannaireacht ghéar. Is fada sinn fé ghéarsmacht ag Sasana ná féadfaimís pioc dár dtoil do dhéanamh: tíoránachas: an oiread san cómhachta éigin aice orainn. Ná bíodh aon phioc eagla ort sa bhád so dá olcas an lá a's an fharraige – tá sí fé ghéarsmacht agam-sa: riar a gluaiste agam uirthe dréir mo thola.

géarughadh: *f.* (*-uighthe*) d'iompódh domblasta, neamhmilis, gearrthach; do bhiorughadh, do luathughadh; do bhoirbiughadh. Bíonn bainne ag géarughadh ón uain go dtosnuigheann. Lé géarughadh farraige ní bhíonn sé ró-aoibhinn bheith ag bádóireacht, bíonn na tonnaidheacha ró-chnapánach a's í róshuaidhte: boirbiughadh: borradh a's mórchorruighe. Cuireann an fharraige géarughadh goile orm d'íosfainn feóil chapaill 'n-a diaidh: breis fhonn chun ithte. Bímís ag géarughadh nó tiocfaidh ár namhaid suas linn: ag méadughadh ar ár siubhal. Tá Pobal Pheárais ag géarughadh amach as na laetheanta so ar eagla iomshuidhe ón arm Almánach: ag luathughadh: ag brostughadh. Ní fhéadfadh duine aca géarughadh ar an nduine eile choidhche, bhíodar ar chómhchaitheamh: dul tharais amach (chun cinn). Táim d'iarraidh na húirlise seo do ghéarughadh d'fhéachaint ar bh'fhéidir faic do ghearradh léi: a béal do thanughadh. Ag géarughadh ó bhliadhain bliadhain. Ag géarughadh tá na spiaraidhe cloch san ó bhliadhain bliadhain ge caitheamh na síne: ag caolughadh: bior do bheith ag teacht ar a mbarr. Géarughadh na teine a dhóghaidh an bhollóg: déine: mórmhéid a teasa. Ní haon laige atá ag dul ar mo radharc, a mhic ó, ach géarughadh: ag dul i ngéire atá: is féidir liom feicsint níos soiléire. Cuireann biadh áirighthe géarughadh goile orm: neamhdheighleáil: neamhréidhteach bídh. Ná bí ag géarughadh orm, níl aon fhonn orm do thoil do dhéanamh: ag spochaireacht fúm: ghom spriogadh: "ag neartughadh na moille".

géaruighim: *b.a.* $_7$ *n-a.* cuirim nó beirim chun barra caoil: faobharuighim: tanuighim: téidhim i dteódhacht: boirbighim, sáruighim, luathuighim, brostuighim. Géaruigh an bollta san as a bharr tá sé ró-reamhar: caoluigh: bearuigh. Géaróchad béal na tuagha ar an liathbró, tá sí ró-gharbh chun geárrtha: tanóchad é. Géaróchaidh an teine ró-mhór do pé nidh atá uirthe má cuirtear a thuilleadh guail uirthe: raghaidh i dtreise: tiocfaidh breis mhór theasa innte. Ach gráinnín sóide do chur sa leamhnacht ní ghéarochaidh sé chómh tapaidh: ní thiocfaidh blas searbh air. Cá bhfuil an lá ná géaruigheann lé gaoith?: go n-éirigheann an bhóchna garbh, borb. Má géaruighir ar do chéim tiocfair suas leis, ach ní hag máineáil ar an gcuma san é: má bhrostuighir...ach ní ar suaimhneas é. Ar chómhuisce dhúinn ar feadh árdthamaill, sinn ar ár gcroidhe díchill d'iarraidh gabháil amach ar a chéile go dtáinig gearr-anál ar mo chóimhiomaidhtheóir a's gur ghéaruighis air, ghá fhágaint im dhiaidh. Seanfhocal é gur dhá dtrian galair an oidhche dréir deallraimh go ngéaruigheann ar ghearán dhuine lé n-a linn: go méaduigheann a's go dtreisigheann. Géaróchaidh fés na hubhallaibh mara mbíonn a ndóthain aca: tiocfaidh blas searbh ortha. Géaruigh a thuilleadh leis, ná laguigh sa gheall: árduigh: cuir breis leis. Géaruigh as san! nó níl cnámh id chorp ná brisfinn!: Imthigh! Scrios!

geas: *b.3.* cosc, toirmeasc sollamhanta. An lá do bhruigheanamair lé chéile chuireas de gheasaibh orm féin gan labhairt choidhche airís leis: de chosc do-bhriste orm féin. "Ól é sin" – "tá na geasa orm" .i. níl aon dul air: tá leabharuighthe 'n-a choinnibh agam. Ar an éileamh atá aige uirthe, ná féachfadh siar ar aon chailín eile tá sé fé gheasaibh aice: sughadh sáruightheach. Tá geas an domhain uile gen áit dom, ní mór ná go mairfinn gan aon bhiadh ann: draoidheacht. Cuirfead-sa geasa d'áirighthe ort-sa: imreóchad draoidheacht ort: déanfad rud éigin leat a bhainfeas toil gnímh díot. Anois go bhfuil na fiacha díolta a's gur mise an t-urradh, tá mo gheasa dhíom: tá an tacaidheacht cúitimh thart. Cad iad na geasa atá ortha ná héirigheann aonnidh leó?: draoidheacht olc. Táim fé gheasaibh aige gan a leabhartha do thabhairt ar iasacht: fé órdughadh daingean láidir ná faghaim ionam do bhriseadh. Ní tháinig aonne riamh ó gheasaibh ban: ó n-a gcleasaibh claoidhteacha. Cuirim fé gheasa droma dubha draoidheachta thu gan t'ionad feighle d'fhágaint ar eagla theacht na namhad: fé órdughadh dhaingean, dhochaiseach.

geasta-ósta: *b.4.* aindeiseóir leisceamhail mná: caidir: braimleóg. Ina geasta-ósta sa chúinne a's gur ar ghearr-aighneas is fearr í: leadaidhe aindeis lán de chab-chainnt.

geata: *f.4.* déantús nó creatlach so-ghluaiste adhmaid nó iarainn chun leigthe isteach nó amach in oscailt i bhfalla, i bhfál, nó i gclaidhe: beárna, dúnadh beárnan. Go n-osclaidh Dia geataidhe na bhflaitheas dúinn: áth na bhflaitheas. Gan geata gan doras: béal anáirde: gan cosc in aon áit go bhfuil oscailt nó beárna. Idir cheithre gheata na cathrach níl do lithéid eile de chrochaire: laistigh dá teórainn. "Agus adeirim-se leat gur tusa Peadar agus gur ar an gcarraig seo thógfas mise meaglais [féin] agus ná béarfaidh geataidhe ifrinn buaidh uirthe" (Matha XVI. 18): cómhacht, réim. Geata cloch: bearna chlaidhe, tógtha lé clochaibh.

geataire: (**geitire**) *f.4.* plannda fada caol a fhásas i dtalamh go mbíonn dúilidheacht uisce ann; an "biadh" istigh ann túmtha in úsc baintear áis chun solais as: cuid mhór díobh lé chéile is maith iad chun dín: duine caol dearóil. Níl ann ach na geitiridhe, fairír: talamh gan mhaith. Beir leat ná beinn-se "ag scughadh gheitiridhe" dhuit, go bhfuil deireadh na foidhne caithte agam: ag bruic leat: ag fulang leat. Éiglidhe gan neart ná tapa imtheóchaidh sé ar nós an gheataire: ag snoighe leis a's básóchaidh mar mhúchann an geitire. Cá mbeadh an neart, a Mhuire, an geataire fir: fear caol. Pilib an gheitire: feithid bheag, adhaircínidhe beaga air, cosa móra acfuinneacha deiridh air dá mbarr gur féidir leis léimeadh go tréan go ndéineann glór treithreach ar chuimilt a sciathán tosaigh leis na cosaibh deiridh: bíonn ancheanamhail ar bheith ag eiteallaigh tímcheall solais. "Tá géataidhe Philib an gheitire fút", deirtear lé duine go mbíonn drochfhuadar fé: a bhíos ag tabhairt cúrsaidhe baoghalacha isteach ar nós na fichide in aice an tsolais go ndóightear i ndeireadh dála é. Go bpósfadh sí Pilib an gheitire!!!: duine seang, caol gan puinn acfuinne.

geatóir: *f.3.* duine a bhíos ag tabhairt aire do gheata, d'airgead do tógtar ar gheata i gcóir siamsa, etc.

geatóireacht: *b.3.* feidhm geatóra. Ag geatóireacht gen dtighearna talmhan do chaith sé a shaoghal: ag oscailt 'sag iadhaimh geataidhe.

géibh: *b.2.* (**gé**) gabhann; coimeád. Níl glas ná géibh anois ort: táir saor glan. Gan glas ná géibh ag aonne air chun ruda do dhéanamh: buannacht. Bím i ngéibh gach lá aca, ní bhfaghaim cao faic do dhéanamh aca: fé chuing: gabhtha nách féidir scur. Dréir tuarasgabhála tá cathair Pheárais i ngéibh gen Almáin na laetheanta so, táid ag teannadh 'n-a tímcheall a's isteach uirthe: i gcruadhtan gur deacair di teacht as.

géibheann: (**géibhean**) *f.1.* cuibhreach; carcar, guais, draip, geimheal, broid, daoirse, cimeachas. Coimeádadh deich mbliadhna fada, díreach i ngéibheann é gan é do leigeant thar geata ná aonne do leigeant ar a thuairisc: i gcarcar. Géibheann éigin atá air a's gan é do bheith annso tráthamhail – riamh roimhe seo ní raibh sé déidheannach: cuibhreach: ceangal nách féidir leis é féin d'fhuascailt uaidh. Síos ná suas ní fhéadfainn gabháil san bhfaill mhara, gan radharc ná clos ag neach orm, nách dóigh leat ná go rabhas i ngéibheann: i ndraip. A dóthain géibhinn atá ar an luing a stiúir caillte aice a's í ar thrócaire na farraige: guais: conntabhairt bhaoghalach. Ná cuir aon stródh anois orm, níl eaga gearr-aighnis ná comhchainnte agam lé neach, tá géibheann orm: broid: deabhadh chun ruda éigin do caithfear d'fhreatháilt. Nuair dubharthas leis gur bh'ait an duine é a's troid do chur ar chómhacht do bhí ró-láidir do b'é a fhreagra ná raibh tur aige ar ghlas ná ar ghéibheann, ar bhás ná ar bheatha: ná maolóchadh a bheith i ngeimheal aon luid dá spirid. D'aithneófá air go bhfuil sé i ngéibheann dá grádh ar an gcuma go mbíonn sé ag síorthrácht uirthe a's ghá suathadh lé daoinibh: anacair inntine. An té a fhuascalóchadh as ghéibheann airgid thu, duine muinnteardha dob eadh é dáiríre: greim: dolaidhe. Is iomdha géibheann go bhfuil Éire gabhtha thríd, gorta, cogadh, géarsmacht: cruadhtan: gábhadh. D'árduigh an long brat géibhinn: brat áirighthe chun a chur in iúil go raibh sí i mbaoghal. Nuair bhíos istigh san amharclann chonnac na focail "doras géibhinn" tamall ón bhfléige cóirighthe i solas ndearg: doras éaluighthe lé linn gábhtair. Tá isteach 'samach lé milliún goileith lucht géibhinn ag an Almáin anois: bráigheanna. An dá mhar a chéile dhom bheith i ngéibheann nó do bheith san bpoll uaigneach, anacrach so: i bpríosún. Budh dhiabhalta an géibheann do rug ar Cómhacht Tosca Shasana ag teicheadh ó Roinn na hEóraipe dóibh nár thug oiread a's luid armála leó: teann deabhaidh agus critheagla.

géibheannach: (**géibhinneach, géibhineach**) *a.* dian, diachrach, anacrach, daoirseach. Ar bhfagháil d'arm Shasana a's na Frainnce iad féin in áit ghéibhinnigh, teanntuighthe ar trí taobhaibh chúladar i ndeireadh an anama chun Dún Circ: in ionad gur bhaoghal a léirscrios. Dhá thráth den mbliadhain go mbíonn an feirmeóir lé gnóth géibheannach an t-earrach a's an fóghmhar: nách mór a bhfriotháilt gan ró-mhoill. Bhí ag breith géibheannach orm i dtaobh airgid – tóir fiach orm a's gan an cúiteamh agam: cruaidh, dian: gábhtarach lé friotháilt air. Ró-ghéibheannach an cúrsa ag tuaisceart na Frainnce é, a chuid saighdiúiridhe marbh, na bailte bánuighthe, furmhór na ndaoine teichte: ró-anacair. Budh ghéibhinnighe an cath indé 'ná aon lá roimhe sin, is minicighe a deineadh ionsaidhthe agus is mó do marbhuigheadh: budh dhéine a's budh scriosaighe. Lá géibheannach a dhóthain agam é, an diabhal cos ná lámh liom a fuair sos ó dhubh dubh: greithileánach, broideamhail.

geibheannas: *f.1.* amhgar, teannta, iomard, buaidhreamh, daoirse: gabhann. Níl aon gheibheannas agam-sa air, níl a bhac air a rogha rud do dhéanamh: greim: buannach chun

iachall do chur air mo thoil do dhéanamh. Réabfaid fós a gcuibhreacha geibheannais: na ceangail atá ghá gcoimeád i ndaoirse. Cuireadh geibheannas ar an madra malluighthe chun ná béarfadh ar aonne, é do chur fé ghlas: gabhann: cosaint choimeádta. Ní fuláir nó tá geibheannas éigin id dhiaidh sa bhaile ar an ndeabhadh atá fút ag dul in áit éigin: géar-bhroid: rud éigin gábhtarach lé cabhair. Díoltí fir ghorma ón Afraic i ngeibheannas san Oileán Úr chun bheith ag obair mar dhaoir ann: i mbraighdeanas: fé chuing na daoirse.

géibirne: *f.4.* gabhgaide: duine aerach, suarachán; duine neamhthuiseach, geilt. Cuir ort suas do bhalcaisidhe, nílir leathchlúduighthe, a ghéibirne: duine neamhchuiseach gur cuma leis connus mar bhíonn sé gléasta. Faic a mhaireas ní chuireann mairg ná bráig ar an ngéibirne – is é a mbíonn dá thaidhbhreamh do, seódh a's scléip a's greann: duine leathaerach gan dochma. Géibirnidhe daoine gur cuma leó a's gur beag de mhairg an tsaoghail ortha: daoine aeracha, scléipeamhla.

géibhís: *b.2.* brigh, ciall, fuaimeant. Géibhís in ao'chor ní bhíonn in aon rud dá n-abrann sé, brealláil leis féin a bhíonn aige: bhriollabhrealla gur deacair adhmad do bhaint as. Beidh géibhís do dhóthain sa phortach san agat: oiread móna a's go ndéanfaidh ar feadh i bhfad thu.

geidirne: *f.4.* tón téagartha córach: duine teann as a dheireadh. Is mithid di sin anois bheith 'n-a geidirne mná: 'n-a mnaoi theann, shláinteamhail, láidir. Ar an mbaile seo atá na geidirnidhe ban: mná cuthaigh, lán d'anam a's d'anáil. Nách é an geidirne agam é: an fear (buachaill, etc.) atá déanta go teann as a thóin a's a shliastaibh. Tá do gheidirne rómhór don gcathaoir bhig sin, ní hionad suidhe dhuit í: do thaobh thiar: do thón. "As do gheidirne thiar é!" deirtear nuair dheineas ainmhidhe a shalachar, duine breim nó rud éigin ná taithneóchadh linn. Suidh ar do gheidirne annsan (searbhas): suidh go díomhaoin gan chuimhneamh ar shaothar ar bith.

géilleach: *a.* umhal, féicheamhanta, tugthach. Uachtaráin ró-neamh-ghéilleacha dóibh seo fé n-a mbun iad, is cuma leó ach allus fola do bhaint asta: gan aon mhotháilt aca dhóibh: calcuighthe. Bheifeá ag gabháil de bhata air go gcoirfeá tú féin de a's ní bheadh sé géilleach dod thoil: umhal. An lá is claoidhte a bhí Éire fé chuing Shasana ní raibh géilleach di: umhal: féicheamanta: réidh lé claoidhe lé fóirneart nó forughdarás. Bí géilleach dom cheasnaidhe agus ná bí ró-dhian orm: cuimhnteach uirthe agus lághach léi.

géilleamhail: *a.* umhal, éascaidh, claoidheach, foiligh, saonta. Duine géilleamhail a chreidfeadh na lothargáin: neamhghasta: saonta: soimheallta. Ní mhaireann sé ceann lucht oibre budh ghéilleamhla 'ná é: budh chuimhntighe a's budh scropallaighe dá gcruadhtan a's dá dtoisc. B'é budh neamhghéilleamhla díobh ag déanamh an chuir síothcána: gur dheacra leis maolughadh 'n-a iarratas nó 'n-a éileamh. Choidhche, faid bheidh braon im shúil, ní bhead géilleamhail don ndream go bhfuil cos ar bolg aca orm: éascaidh dá gcómhacht, dá riar. Bí géilleamhail do, ná tóg leath a n-abrann sé air, níl sé go maith 'n-a cheann: mothálach: cuimhnteach ar a iomard. Bead géilleamhail leat a's éisteóchad lé haon ghearán atá agat lé déanamh: éascaidh lé bheith báidheamhail.

géilleamhnach: *a.* umhal, claoidhteach, mothálach, smaointeach, teadhlach. B'éigean dóibh bheith géilleamhnach ní raibh faic eile lé déanamh aca, nuair bhí cosair easair déanta go harmáil ró-antréan dá ndúthaigh: claoidhteach: ómósach: urramach: uiseamhail. Ní bheinn géilleamhnach don té ná beadh tuigsint aige dhom: ní chlaoidhfinn leis. Is breágh an tslighe chun Dé bheith géilleamhnach leis gach aonne: mothálach: bheith ag machtnamh ar a n-iomard a's cabharthach leó. Níl aon tír fé chuing Shasana is neamhghéilleamhnach dhi ná Éire: is lugha go bhfuil fonn uirthe gabháil fé uallach na cuinge cruaidhe.

géilleadh: *f.* (*-lte*) claoidheachtaint (lé), mothúilt, ómós, creideamhaint, teadhlacht. An oiread san ráflaidhe a's éithigh ar fuaid an domhain i dtaobh an chogaidh a's gur beag a thugas géilleadh dhóibh ach iad do leigeant isteach trí chluais agus amach trí chluais eile: creideamhaint: meas iad do bheith fíor. Is fada riamh go raibh aon ghéilleadh gem chlainn dom-sa, tá a rian air is beag ortha me: go ndéinid dréir mar chómhairlighim dóibh. Níl aonne ná go mbíonn ag géilleadh dá bhacaighe féin: cách ag cur a thairbhe féin roim thairbhe aonne eile: ag tabhairt tosach machtnaimh a's gnímh do féin. Mórán go bhfuil sé 'n-a gceann go bhfuil an Fhrainnc ar tí géillte anois: an ghlúin d'fheacadh roim sháruightheacht na hAlmáine. Bí ag géilleadh ó thuaidh ádhbhar, táir ró-mhór os cionn na gaoithe: ag leagadh leis an áird sin. Tabhair géilleadh don gclaidhe ag an gcúinne: seachain é: ná téighir chómh hathchomair do a's go mbuailfeá air. Géilleadh dos na bochtaibh, is maith, diadha an smaoineamh é: bheith ag cuimhneamh ar a n-iomard agus bheith bog leó nó carthanach. Ná tabhair aon ghéilleadh don saoghal so, imtheóchaidh sé a's sciatháin air: ná cuir do shuim ann: ná dein luach de. Fear gan géilleadh do Dhia ná do dhuine aige: gan creideamh, gan coguas. Sin scéal go dtabharfainn géilleadh dho, tá snas na fírinne air: go mbeinn leagtha lé creideamhaint ann. Fuairis géilleadh maith uaidh má leag sé sé scilling sa phúnt duit: lacáiste. "Ní hag géilleadh bheadh súd duit" deirtear lé duine a bheadh beacht ar chomhall, dualgais. Tá géilleadh do phúcaidhibh aige: creideann go bhfuilid ann. Is leisceamhail an liaghairne é, an géilleadh go léir atá leis an leabaidh aige: leagadh: taithneamh do bheith innte. Níl an bhó san ag géilleadh bhainne dréir mar budh cheart di, is minic do bhí a dhá oiread aice: ag tabhairt. Níor thug an líon aon ghéilleadh uaidh: ní raibh aon iasc ann gur bh'fhiú trácht air. Mharbhóchadh san duine ar ghéilleadh bheag: cumha: díolfiach.

géillim: *b.a.* $_7$ *n-a.* creidim i, claoidhim le, aontuighim, glacaim lé, umhluighim do, luighim fé, gabhaim le. Géillim go diongmhálta i nDia: creidim ann. Níor ghéill sé dhom go raibh daoine dearga ann go bhfeacaidh sé iad: níor chreid sé: níor aontuigh sé liom. Níor ghéill an dún go dtí ná raibh falla leis 'n-a sheasamh: níor thug lucht a chosanta suas do lucht a ionsaidhthe. "Ní ghéillfeadh san d'aonnidh ná taithnigheann leis" – "nár ghéillidh": ní aontóchadh sé leis an rud budh shoiléire. Bhí sé ag fagháil bháis annsúd ar a chosaibh, ach lean sé dá obair níor ghéill gur thuit as a sheasamh: níor chlaoidh sé lé n-a iomard: níor stríoc. Géill do nó ná géill, is fíor é: creid nó ná creid. Ghéillfinn púnt eile sa mhargadh dá mb'fhiú liom air é: luigheadóchainn: leagfainn: shaoirseóchainn. Géill ar dheis: claoidh leis an dtaobh san: leag leis breis. Géillfidh gach cárta don mhádh mór: gheóbhaid fé n-a smacht. Do féin do ghéilleann duine ar dtúis: is do féin do bhíonn a mhachtnamh 'sa ghníomh. Ná geilltear aon órdlach talmhan gan a throid go dtín fear déidheannach: ná tugtar suas. I rith an lae géillim m'anam do Dhia: tugaim fé n-a

choimirce é. Géill don ngaoith, ná cuir oiread seóil ar an mbád ar eagla: machtnuigh ar a neart agus ná cuir ach seól dá réir.

géillín: *f.4.* giall beag. Tabhair snámh géillín dom: cuir bas ar mo cheann agus fém smeigín chun a choimeádta anáirde faid bhím ag foghluim.

géillsine: *b.4.* umhlughadh, claoidheacht lé neart, dílseacht, daoirse. Lé géillsine dá ndúthaigh tá na Franncaigh ag troid go fíochmhar d'iarraidh na namhad do choimeád siar: dílseacht. Rinne an Danmharg géillsine don nGearmáin gan oiread agus piléar do chaitheamh: claoidheachtaint: luighe fén iomghabháil. Tréis ghéillsine Dhúna an Óir cuireadh an uile fhear chun báis: glacadh lé sáruigheacht nirt na namhad. Bhíodh fir ghorma i ngéillsine sa taobh theas do Mhearaice Thuaidh: a saothar, a n-eólas, a mbeatha, a muinntir i gcumas daoine eile. Bás roim ghéillsine: roim dhaoirse: forlámhas tíre iasachta.

géim: *b.2.* béic ghlaoidhte a ghníos bó a's ainmhidhthe eile den gcineál gcéadna: dórd na mara: anamamhlacht. Fan faid géim bó uaim: ná tair in aon ghaobhar dom. Cómhartha aimsir bhreágh seadh géim na Béidrighe: an dórd diamhair: glór doimhin, trom. Fear gan ghéim seadh me anois, tá an aois gabhtha lastuas díom: gan anamamhlacht: brigh: smuirt. Is minic gur b'í an bhó is caoile is aoirde géim: an té is neamhdheallramhtaighe chloisfeá gaisce béil uaidh. An bhó is sailiche is aoirde géim: duine gur cheart do náire do bheith air a cheann do thógaint is minic gurb é is tóirtéisighe bhíonn.

geimheal: *f.1.* ceangal, cuibhreach, braighdeanas. A bhfuil i ngeimheal ó thosnuigh an cogadh so ní féidir iad do chómhaireamh: tógtha n-a mbráigheannaibh. Cad é an geimheal do bhróig nuadh córda: ceangal: iall. Mara gcuirir geimheal ar do bhéal a's gan bheith ag cúlchainnt orm béarfad chun na dlighe thu: cosc: glas: coimeád: cuibhreach ar an dteangain. Geimheal lorgánaigh geimhreadh gortach: deireadh saoghail easbhuidhtheach a bhíos i ndán don bhfuairthéidh.

géimim: *b. n-a.* béicim, glaodhaim, éighim. Gach aon bhuille fuair sé ghéim sé mar dhéanfadh bó: leig sé béic. Géim air, tá sé bodhar nó ní chloisfidh thu: glaoidh go hárd air: leig scread air. Ná géim orm-sa, labhair go tláith liom léd thoil: ná héigh ós árd.

geimhleach: *f.1.* bráighe. Im gheimhleach ar an leabaidh seo gan ionam cor do chur as láimh ná as chois liom leis na bliadhantaibh: teanntuighthe dem threóir mar phríosúnach. Féach í a's a geimhleach fir ar láimh aice: céile atá fé n-a méir aice.

geimhlighim: *b.a.* cuibhrighim, ceanglaim. Geimhlightí dá chéile na daoir bhochta a's caithtí de dhruim mhairc a chéile ar thóin áthraigh iad ghá lochtóireacht tar lear: ceangluightí lé slabhraidhibh iad. Cuirfir uait do chuid geámaidhe anois geimhleóchaidh an bhean thu ó tá sí agat: smachtóchaidh.

geimhlighthe: *a.r.* ceangailte, cuibhrighthe, teanntuighthe. Budh bheag gábhadh an t-aindeiseóir asail sin bheith geimhlighthe fé cheangal a's urchall: cuibhrighthe. Préaslach 'n-a bhéal, a lámha ceangailte laistiar dá dhrom, a ailt snadhmtha lé chéile, nár bh'é a bhí

go geimhlighthe: gabhtha go daingean dlúth. B'fhada geimhlighthe na daoine gorma fé thoil a's riar a máighistiridhe ná féadfaidís "cor do chur dá mbuaraigh" ach mar hórduightí ortha: greamuighthe go daor.

géimneach: *b.2.* béiceach, árdghlór, fuaim. "Gan géimneach bó ná gol leinbh lé clos ó Dhún Chaoin go Port Láirge": an glaodhach a ghníos bó .i. an tír scriosta bánuighthe. Níor ghlór in ao'chor a bhí aca ach géimneach!: béiceach a's gleódh a scoiltfeadh do cheann. Géimneach adharc: séideadh adharc. A! dheara mhuise, bíonn géimneach ag an ngaoith oidhche gheimhridh i mbarr na spícidhe seo: glór a's fothrom a bhodharfadh duine lé neart.

geimhreadh: *f.1.* an mí deireannach den mbliadhain. Geimhreadh ceódhach .i. cómhartha maith. Ar fhéachaint air déarfá ná cuirfeadh sé an geimhreadh dhe .i. tá drochchroth air. An geimhreadh go mbeiridh leis é (eascaine): nár mhairidh tharais. Calm geimhridh nó stoirm shamhraidh .i. ní bhíd buan: ní hiontaobha iad. Tá sé n-a gheimhreadh: an-fhuar ar fad. Claidhe geimhridh nó falla samhraidh: ní buan iad. Bíd ag déanamh an gheimhridh istigh: caithid istigh é. Is mairg go mbeireann earrach an deaghgheimhridh air. Gaoth an gheimhridh as gach áird: bíonn sí siubhalach agus is cuma cad as go séideann bíonn fuar.

geimhreamhail: *a.* fuar, fiadhain, nimhneach. Cuma gheimhreamhail ag teacht ar an dtalamh: liath.

geimhrighim: *b. n-a.* caithim an geimhreadh. Ní gheimhrigheann an chuach eadrainn bíonn sí thar lear i dtír the. Éan seadh an tradhna a gheimhrigheann, ní bhíonn lé feicsint in ao'chor: a chaitheas an saosúr 'n-a codladh.

gein: *b.2.* breith, toirrcheas, gabháil, daon. An ghein áluinn seo dár thugas gean: an bhean: an té: an duine. Mise céadghein mo mháthar: an duine clainne a saoghluigheadh ar dtúis. Buaileadh im aigne nár bh'aon ghein shaoghalta a bhíodh in áit iargcúlta, uaignigh mar é i dtráth mhí mhairbh na hoidhche: duine ón saoghal so .i. gur spirid nó púca é. Gein mic, inghine: bunóc. Oidhche na geine: oidhche Nodlag. Ghaibh sí gein ón Spioraid Naomh: do ghlac sí toirrcheas. An Naomh-ghein: ár Slánuightheóir. Na geinte: na sleachta go léir nár ghiúdaigh.

geineadh: *f.* (*-nte*) saoghalughadh: do thabhairt toirrcheasa (do); tuismheadh, clannughadh. Ag geineadh chlainne: ag tabhairt. Lá mo gheinte: lá mo bheartha: an lá do gabhadh i mbroinn mo mháthar me. Den gcéad gheineadh dár muinntir a lonnuigh annso mise: an chéad ghlúin nó treibh. Ag geineadh clampair do féin agus dos gach aonne gur gean leis é lé hól: ag déanamh etc.

geineamhaint: *b.3.* (*-mhna*) do chlannughadh, do thuismheadh, gabháil, coimpeart, saoghalughadh, nádúir; dán. Baineadh na baill gheineamhna as a's tá n-a bhallán anois: na clocha. An ball geineamhna: an bod. Ubh gan gheineamhaint é, ní haon mhaith é do chur fé ghor, ní bheadh aon ghearrcach as: gan síol. Ní raibh sé 'n-a gheineamhaint bheith 'n-a shaighdiúir mhaith: ó nádúir: dúthchas. Is í geineamhaint atá ann bheith galánta, fial:

dúthchas: budh dhual do é. Níor ghaibh sí geineamhaint, tá sí aimrid: níor ghlac clannughadh.

geineóg: *b.2.* péac, athfhás neamhdhúthchais: naoidheanán inghine. Cómhartha nach maith geineóga do bheith ag teacht ar na gasaibh: gasa beaga truaillighthe neamhnádúrdha. Geineóga ag teacht ar an dtáithfhéileann: é ag péacadh, ag cur amach. Mo gheineóg ní mhalartóchainn ar an saoghal: m'inghinín.

geinid: *b.2.* ruidín mear, aerach; lúidín; ruidín. Geinididhe ubhall: ubhalla ná beadh ach crothnuighthe: críocháin. Geinid gan aon chiall an gearrchaile sin, níl dhá thaidhbhreamh di ach aoibhneas: cailín scléipe a's fastaoime. Bhéarfá an breac ar do gheinid leat, níor mhór an toirt é: do lúidín.

geinideacht: *b.3.* mire. Aon smacht níl ag fanacht ar an aos óg, táid imthighthe dhóibh féin ar geinideacht ar fad: ar mire: fiadhantas a's teasbach na hóige.

geinim: *b.a. 7 n-a.* tugaim i mbeatha: cruthnuighim, gabhaim, péacuighim, glúinighim, síolbhruighim, cruthuighim. Is iomdha duine do geineadh ó thúis an tsaoghail agus is tú díg na geineamhna: do gabhadh, a tháinig chun beatha i mbroinn. Do gabhadh ón Spioraid Naomh, do geineadh ó Mhuire Óig: do ghlac toirrcheas: do ghaibh beatha 'n-a broinn. Ní den mbeannuightheacht do geineadh an bhean: ní has bheannuightheacht do shíolbhruigh sí. Geineann ólachán clampar, bochtanacht a's mío-ádh: tagaid dá dheascaibh. Ní hó t'athair do geineadh tu: níl dúthchas t'athar beartha leat agat. Geineadh gach tréith dá fheabhas ann: thug a mhuinntir do iad. An rud do geintear do dhuine ní bhíonn dul uaidh aige: do ceaptar: do cuirtear i ndán do. Cad é an saghas duine thu, a's a bheith corr leis an saoghal eile nó cad as gur geineadh thu: cad as gur shiolbhruighir. Do geineadh istigh im chroidhe dá dtéighinn ann go mbeadh buadhairt ann rómham a's d'fhanas as: phréamhuigh sé 'n-a smaoineamh.

geinte: *a.r.* dúthchasach, ó nádúir, síolbhruighthe, beartha, saoghaluighthe (saoghalta). An rud a bhíos geinte i nduine ní chuirfeadh cómhacht fén spéir amach os a chreatlach é: cruthnuighthe leis: a bhíos ann ó thúis. Dar leis ná fuil sé geinte fós fear chómh maith leis: síolbhuighthe: gabhtha i gcruth. An fhoghluim a's an léigheann do bheith geinte ann féin: tuismighthe gan é bheith de dhúthchas ann ó n-a mhuinntir. Pé mianach a bhíos geinte i nduine, olc nó maith, briseann sé amach: ó bhunaidh ann: préamhuighthe.

geintlidhe: *a.* págánach, draoidheachtamhail. Is ró-bhog air sin é do dhéanamh tá ceárd gheintlidhe aige ar gach nidh: tá draoidheacht aige. "Thug sí cuimilt gheintlidhe dá méir do a's thuit 'n-a tromshuan": draoidheachtamhail.

geir: *b.2.* saill, blonog, gréis, méitheas, béaladh. Is geall lé hairgead geir: má bhíonn ainmhidhthe cothuighthe agat nó foillse mar iad gheobhair airgead lá éigin ortha. Tá sé n-a mhealbhóig aindeis, níl ann ach geir: róchothuighthe: lán de mhéitheas: gan feóil chruaidh, fhuinnte air. Geir na coinnle ní furaiste do bhaint as éadach: an sileadh leachta. Déanfaidh gréisc ded stéig gan geir do chur fúithe: gan saill caorach nó bó, déanfaidh

“cipín” cruaidh loiscighthe dhi. Baill gheire (in éadach). Ar nós na geire táim ag leigheadh leis an dteas: ag leigheadh im bhraonachaibh.

géir-dícheall: *f.1.* croidhe díchill: mór-iarracht. Na Franncaigh ar a ngéir-dícheall ag cosc na nGearmánach ón aer a’s ar an dtalamh ar Pheáras do ghabháil: gach aon tsaighdiúir a’s gach aon tsaghas armála is féidir leó do thionól dhá chur i gcath aca. Ná dein aon dá leath ded ghéir-dícheall orm, tur madra níl agam ar do chómhacht: an méid atá ionat dein é. Rinne súd géir-dícheall i dtúis a shaoghail ná beadh easbhaidh air lé linn a sheanaoise: chuir sé tharais oiread a’s d’fhéad sé, dá thuilleamh mar chnuaisciún taca. Budh ghéir-dícheall dos na Cómhachtaibh Cómhair buadhachtaint ar a namhaid anois: b’é a ndóthain mór cúraim é má éireóchadh leó in ao’chor. Chuireadar a ngéir-dícheall i gcosaint na cathrach, a raibh ar a gcumas a’s ar a gcur níor choigligheadar do: an tsár-iarracht.

géir-dícheallach: *a.* an-chúramach, árd-shaotharach, mór-imshníomhach. An té a bhíos géir-dícheallach is annamh a ghnóth ar bóiléagar: fonnmhar, friothálach, críochnamhail. Cuir díot go géir-dícheallach más mian leat breith ar do chuid den mhart: dein deifir chómh mór a’s tá ionat maran maith leat bheith siar. Géir-dícheallach a sháruigheann cinneamhaint: bheith an-aireach.

géire: *b.4.* geárrthacht, faobhaire, faobharamhlacht, tanaidheacht, bioracht, go bhfánaidh aoird, gléine, soiléire, tolltacht, nimhneacht, gontacht, íogaireacht, motháltacht, domblastacht, seirbhe; luathughadh, éascaidheacht, tapamhlacht, mire; gastacht, gliocacht, seanchrínne(acht); déine: boirbe; comhgaracht. In ionad síothcháin d’éirghe eatartha ag dul i bhfaid ’si ngéire ar a chéile: d’iarraidh breis dochair do dhéanamh agus breis fíocha ortha. Mara raghaidh aon bhuige ar ghéire an chogaidh ní fhágfaid meill beó dhá chéile: déine: boirbe: an dáil uathbhásach maidir lé troid a’s marbhadh de. I ngéire ar a chéim a bhí sé ag dul: ag dul i mire. Ó ghlúin glúin ag dul i ngéire atá na daoine, an t-eiteallán, an craolachán, iad cuimhnte ortha a’s ar na céadtaibh rud eile: breis inntlidheacht dhá fhoillsiughadh ag an nduine. Dá ghéire oibrigh sé d’iarraidh airgid do bhailiughadh cam a’s díreach gan stad gan sos ní bhaileóchadh a dhícheall é: dá mhéid agus dá threise an iarracht do thug. Téigheann de ghéire an duine a chrích tréis a bháis: níl ar chumas a incheann a nochtadh cad é a thoisc. Ní hé a raibh d’ualach sa bhád a chaill í ach géire na farraige: boirbe: borradh agus suaidhteacht. Lé n-a fheabhas mar chaptaen chuaidh sé i ngéire ar an gcarraig go scríobfá do lámh as an mbád di: a dhánaidheacht athchomaire. Budh chonntabharthach a ghéire a’s chuadhais ar an gclaidhe, ionga eile a’s bhís anáirde air: a dian-athchomaire. Níor mhór duit bheith an-aireach ar ghéire na scine sin, ghearrfadh go cnámh thú tá oiread san faobhair uirthe: tanaidheacht béil. Dá fhaid a ascnófá anáirde an cnoc is ag dul i ngéire atá sé ort: is mó an fhánaidh nó an tuiteam atá leis: is giorra dho bheith ’n-a sheasamh díreach é. Gheóbhad géire na n-ubhall nglas tríd theangain: a seirbhe. Níor bh’fhéidir an leann dubh d’ól lé n-a ghéire: a bheith chómh searbh san: goirge: gargacht. An ghéire atá ón mboladh san, mhúchfadh sé thu: an mus garg a ghoirteóchadh (ghoillfeadh) ar liog na boladhghala. A ghéire a bhí an t-oileán lé feicsint os chionn an cheóidh: a shoiléire, a shoiléasta. A’s an oidhche ag tuiteam do bhí sé ag dul i ngéire orm é d’fheicsint: i ndeacracht. Géire a teangan ná réidhtigheann sí lé haonne: gontacht: nimhneacht: cainnt mhasluightheach aice. Cuireann géire ocrais ar dhuine gadaidheacht dá ghoile: déine an tinnis a’s an

mhiangais. Druid siar ó ghéire na teine nó goillfidh sí ort, tá druichtínidhe alluis cheana ort aice: teas mórmhothálach. Ní mór ná gur b'éigean dom mo mhéireanta do chur im chluasaibh lé géire a gotha: a caoile a's a sians garg, griogach. Géire barra snáthaide ní raghadh tríd lé n-a righineacht: bioracht a's caoile a's tolltacht. Ghaibh géire na gaoithe Mhárta tríom gan mo chomhthrom éadaigh: nimhneacht: fuaire go raibh an gomh uirthe.

géire: *f.4.* blúire, giota. D'imthigh seólta na luinge 'n-a ngéiridheachaibh lé neart na stroimeach: 'n-a ngiobalaibh. Ró-bheag an géire leathair sin chun buinn don mbróig: giota, smut. Dhéanfadh an fear cuthaigh úd géiridheacha dhíot, mar tá sé i bhfad ró-láidir duit: stracfadh as a chéile thu mar dhéanfadh lé héadach. Cuir géire isteach sa mhuilchirte a's beidh sé flúirseach a dhóthain: blúire a líonfas an folmhas. Níl ortha tréis an chatha ach seanghéiridheacha: gach balcais stractha 'n-a ghiobalaibh.

géir-inntin: *b.2.* mór-mheabhraidheacht, stuamdhacht. Níl teóra lé géir-inntin mná nách maith do thug an bhean san fé ndeara go raibh a fear ar tí í do thréigean gan aon éachtaint do thabhairt di: meabhraidheacht rud do bhreithniughadh roim ré. Ná fuil a fhios agat gur géir-inntin a chuaidh amach ar an armáil mharbhthach so atá aca sa chogadh: mór-ghliocas cuimhnte ar shár-úirlisidhibh. Lé n-a ghéir-inntin geineadh ann ar an láthair go raibh rud éigin bun os cionn: bheith pras, éascaidh in inchinn.

géir-leac: *b.2.* leac oidhir. "Do reamhruigh sioc lé géirleic a's lé fuacht gur theich an naoscach etc." (amhrán): sioc ar bhun seaca go raibh leac oidhir throm ann.

géarleanaim: *b.a.* tóruighim, fóiréignim, sáruighim; leanaim go tiugh, te. Ghéarleanais gach aon lá riamh me, ghom chiapadh, ghom mhasladh, ghom thuargaint: chuadhais chómh dian díreach orm agus b'fhéidir leat. Géarleanann na gadhair an sionnach ó bhall ball ar a bholadh go gcluichid é: ní staonaid dá lorg go dtagaid suas leis.

géirleanamhaint: *b.3.* éigean, anfhórlann. Géirleanamhaint na mbocht, ghá n-oibriughadh go dian gan taise ar fhíor-bheagán tuarastail: bheith i mullach an chinn ortha gan bogadh gan géilleadh. Á, stad, ná bí ag géirleanamhaint ort féin, beir fada, bog air: ná bí dian, géar ort féin: ná bí ghod chur féin tar do riocht. Ní fhéadfadh inntin an duine cuimhneamh ar an tslighe chlaoidhtigh chun ár ngéirleanamhna nár chuir Sasana i bhfeidhm orainn: ciapadh comhnaidhtheach go droichaigeantamhail, bascuightheach. Mara mbeidh an cíos ag an tréontaidhe ar an sprioclá ní haon eaga a bhí lé fagháil aige ach taobh na súgán den dtigh do thabhairt do, nár mhór an ghéirleanamhaint ge tighearnaidhibh talmhan ar bhochtánaibh é: cruadhtan a's leathtrom.

géirleanamhnach: *a.* dian, docht, neamhthláith (le íochtarán). Siopadóir géirleanamhnach i dtaobh fiach é, ní mór an cáirde is fonn leis do thabhairt 'sis beag an géilleadh bhíonn aige do bhacaighe dhuine: an-dhian ar lorg a choda. Bhítheas chómh géirleanamhnach san ar na Giúdaigh nár fágadh luid dá maoin aca a's gur b'éigean dóibh scriosadh as an ndúthaigh: íogair, dochaiseach ortha chun a gclaoidhte. Le coighcíos anuas anois tá arm na Gearmáine chómh géirleanamhnach san ar a namhaid ná tugann sos lae ná oidhche dhóibh ach ghá stialladh, ghá dtóraidheacht a's ghá dtreascairt: dian chun a gcreachta.

géir-nimh: *b.2.* nimh dhochaiseach, tinneas gonta, faobhar. Tá géir-nimh ar an sciain sin, gan ach í do theangmháil leat raghadh go cnámh ionat: faobhar conntabharthach. Tá géir-nimh sa lá indiugh: fuacht a gheóbhadh tríot. D'imthigh cuid den ngéir-nimh as an gcneadh: tinneas mór, dian, marbhthach. Ná bí ag cainnt tá géir-nimh ar an bhfear san chun oibre: fonn ceart.

géir-nimhneach: *a.* dian, dochaiseach, gonta, mór-ghoilleamhnach. Gach aon scread géir-nimhneach aige a chloisfeá míle ó bhaile leis an dtinneas atá 'n-a chliathán: piantamhail, marbhthach, gonta. Ní tugtha dhuit bheith chómh géir-nimhneach leis, níl sé láidir a's cad é do chúis air?: dochaiseach, rudaidhe dá rádh a's do dhéanamh leis a ghoilleas go mór air.

geirre-fhliuchadh: *f.* (*-chta*) fliuchadh (fiuchadh) tréan, fiadhain. Iasc seadh gleamach go n-oireann geirre-fhliuchadh nó dhó uaidh sara mbíonn bruithte 'n-a cheart .i. sa tslighe a's go mbíonn an t-uisce i dteas a scólta. Dá mbudh clocha na prátaidhe seo ní fhéadfaidís gan bheith beirbhthe ar an ngeirre-fhliuchadh atá fachta aca: an t-uisce bheith i lán a theasa. Dein an té, tá an citeal so ag geirre-fhliuchadh: ar fliuchaidh go fiadhain. Siúd é an duine gan ruthag a's an droichmhianach bheadh sé ar geirre-fhliuchadh chughat gan puinn mairge: ar dearg-bhuile: fíoch a's cuthach air.

geit: *b.2.* léim, preab obann, eiteall, sceitimínidhe. Má hinnstear an droichscéal do agus an aiste bhreoidhtighe atá air is baoghalach go mbainfidh geit as nách maith dho: dioc do thabhairt do a chorróchadh é. Tair i nganfhios air, béic air a's bainfir geit as: léimfidh a chorp lé hobainne an ghlóir. Duine sochma, stuamdha ná bainfeadh faic geit as: ná corróchadh an aigne aige dá mhéid an suathadh do thabharfí dho. Ar shíneadh mo láimhe chun beartha air, thug sé geit uaim: léim uaim. Má dheinir in ao'chor é dein de gheit é nó beidh thiar ort: ar an dtairngne: go prap. A thúisce a's caitheadh an chéad philéar bhí sé teichte de gheit: gan mhoill. Cor-each malluighthe í sin a speachfadh de gheit thu: gan choinne. Rith de gheit chuige a's fóir air: ar an uain atá ann.

geiteamhail: *a.* scáinteach, scáthmhar, eiteallach, guagach, soi-sceimhlighthe. Ainmhidhe óg, geiteamhail é sin, a léimfeadh ó bhuacallán buidhe ar thaobh bóthair, bí ar do chosaint air: guagach: scáinteach: gur furaiste eagla do chur air. Níor mhaith liom é i ngéire farraige, tá sé ró-gheiteamhail: claon lé scannradh do theacht air go neamhghábhtarach. Éan geiteamhail seadh an colúr, tair in aon ghaobhar do a's tá sé bailighthe leis: sceinnideach: eaglach. Ná léim mar sin, nílim chun teangmhála leat, ná bí chómh geiteamhail sin: eiteallach, claon lé preabadh gan ach teacht i ngiorracht do.

geitim: *b. n-a.* léimim, preabaim, sceinnim lé heagla nó líonruith. Ar thógaint mo chinn dom a's go bhfeaca 'n-a sheasamh im fhiadhnaise an té a shaoileas do bheith na mílte, mílte uaim do gheit mo chroidhe im lár: phreab mo chroidhe lé líonruith: thréig stuaim mo chuirp me. Nuair bhead ag cur na snáthaide tríot ná geit nó raghaidh sí go cnámh tríot: ná léim: ná corruigh de phreib: fan réidh, socair. Stadadh sé ar ghéig, leanainn é, gheiteadh sé uaim go géig eile: d'eitealladh. Geit uaim!: as an slighe uaim. Lá sláinte ní

fheaca sé ó gheit a chroidhe nuair báthadh a bhean: an suathadh do baineadh as gur léim go hobann.

geócach: *f.1.* callaire, fear scórnaghal bhrághad, duine fáin, fáslach. Na geócaigh ar fad n-a thímcheall a's é ag seasamh bídh a's dighe dhóibh: léapálaidhthe, tnútháin. Ina gheócach ó thigh go tigh ag faire cá bhfaigheadh sé rud: 'n-a dhuine gan náire. Níl rud fén spéir ná go gcaithfidh an geócach gleódh do dhéanamh de: fear cainnte a's áitimh go glórach. Cuir snaidhm ar do bhéal, a gheócaigh, ná téigheann aon lag ar do theangain ach bheith ag cur asat: callaire. An geócach, dá gcloisfeá an maoidheamh gaisce a bhí aige, cad ná déanfadh sé: scaothaire gan cur leis.

geócaire: *f.4.* geócach. Geócaire maoidhteach ná fuil déanamh faic ann: scaothaire.

geócaireacht: *b.3.* callaireacht: mórghleódh, scórnaghal bhrághad: tnúthántacht: léapáil. Ag geócaireacht ar na daoinibh atá do bheatha caithte agat, ní fheacaidh Dia ná duine riamh scilling dhá chaitheamh agat: tnúthántacht: ag brath ar rud d'fhagháil: failpéaraidheacht. Cuir uait do chuid geócaireachta, ach más fear thu chómh maith a's mhaoidhir, anois an t-am agat: árdchainnt ar ghaisce: callaireacht: gaoth mhór gnímh. Ag geócaireacht ar lorg arm nó úirlis oibre ataoir riamh, ní fheaca riamh faic agat féin: ag imtheacht ameasc na gcómharsan ag déircínteacht. Ag geócaireacht tímcheall in ionad bheith ag obair: ag leaghadh na haimsire agus ag cur as.

geócálta: *a.r.* tachtuighthe, "cliath" ar. Bhuail slaghdán me a's ní fhéadfainn focal cainnte do labhairt ach mé geócálta: tachtuithe: múchta, píopálta. Ar an nglór geócálta atá ge n-a chliabh ní fhéadfadh sé gan ceasnaidhe do bheith air: cliath air: múchadh agus traochadh anáile.

geócán: *f.1.* píp, píob, píopa, feadán, giolcach. Geócán na píbe tachtuighthe, ní thiocfadh aon fhuaim as: an áit fholamh istigh sa bhfeadán. Ná luigh ar gheócán aige ghoirteófá é: ar phiobán (píopán).

geócghail: *b.3.* callán, gíoscadh: giascán do dhéanamh: gliogaireacht. Deirir gur cóir an té a bheadh ag comhrac a chirt do chrochadh, tá geócghail agat, cuid mhaith: cainnt san aer. Dhéanfadh leath na geócghala an gnóth ar an méid atá déanta agat, cuimhnigh nách tú aonne amháin atá i bhfeighil oibre: maoidheamh. Tugaid gach maidean ag geócghail ar an gcuma san chloisfeá míle ó bhaile iad: callán: ag béicigh. Cuir smearadh fé chrann iomchair na trucallach tá geócghail ghránda aige. Deirtí i Sasana i dtúis chlampair an chogaidh ná raibh ag an Almáin ach geócghail a's ná raghadh sí choidhche chun cinn: cainnt chun daoine do mhealladh.

geóin: *b.5.* (*-ónach*) glór, fuaim mhearuighthe, liúighreach, dórdán, siansán: glisiam. Cloisfir geóin as obair an lae indiugh: tiocfaidh gleódh as mar gheall ar rud éigin do thárlaidh: déanfar clampar as. An gheóin go léir a bhíonn istigh i muileann clódhbhuailte ges na hinnill go léir ar siubhal in aonfheacht ná cloisfeá duine ge poll do chluaise: glór mearuighthe. Pé faill a gheibhtí ar scoil ar an máighistir budh mhór é geóin na scoláiridhe, duine ag béicigh, duine ag feadghail, duine ag pramsáil ar an úrlár, beirt triúr

ag coimheascar: glórtha mearuighthe dhá thógaint ós árd. Ná bí chómh béal-láidir, ná dein oiread geónach de rud chómh suarach: clampar: breis ghearáin a's nách fiú é.

geóis: *b.2.* mealbhóg, bolg. A bhfuil de mhairg ortha san go bhfuil airgead aca a ngeóis do phalcadh leis an uile ollmhaitheas: a mbolg do sháitheadh lé gach nidh dá fheabhas. Geóis chómh mór lé soitheach air: mórbholgach.

gheóbhais: (**gheóis**) *uaillbhreas* stad! fan réidh! (lé buin). Gheóbhaisín annsan!: bí go hanréidh. Gheóbhais! gheóbhais!: sáruigh í (lé madra). Fic "**hóis**": Hóis! amach, isteach, abhaile: gluais, etc., ach Gheóis! Gheóbhais!: stad.

geóiseach: *a.* bolgach, teann. É chómh geóiseach san ná féadfadh sé iallacha a bhróg do dhúnadh: a bholg ag teacht sa tslighe air. Ag sin atá an spaga geóiseach dá mhéid cannrán bochtanachta atá air, thachtfadh sé capall duit!: sparán atá lán, teann.

geóiste: *f.4.* liaghairne, leadaidhe. Ní bheadh aon gheóistidhe 'n-a thímcheall súd, an té ná beadh gotha oibre air thabharfadh bata a's bóthar do: daoine cearta díomhaoine. Éirigh, a gheóiste na luatha: sámhánaidhe teallaigh.

geólamán: *f.1.* duine neamhchruinn 'n-a ghníomharthaibh, duine ionchómharthuighthe as a imtheachtaibh. Tá geólamán chughainn, anois seadh bheidh an chabhair againn: duine nách fiú bheith ag brath air. Geólamán mar é sin do chur ar theachtaireacht thábhachtaigh, a dhuine gan chéill: teachtaire dall. "Geólamán na Scraige": duine ó bhun cnuic a chaitheadh a shaoghal ameasc caorach .i. gan puinn taithighe aige ar cad a bhíodh ar siubhal fén gceanntar amach a's, dá chionn san, é dall, neamheólgaiseach. An chéad uair riamh a chuadhas go hÁth Cliath bhíos im gheólamán ameasc na sráideann gan eólas mo bheart agam ag scrogghal thall 'sabhfus ag déanamh iongtais des gach aonnidh: tuathallach: neamhchruinn: dem threóir.

geólbhach: *b.2.* teóra an chorráin a's na scórnaighe. Rug sé greim docht ar gheólbhaigh orm ná féadfainn cor do chur díom: suas tímcheall ubhall an phíopáin. Ní prátaidhe aith-théidhte a's bainne géar a chuir an gheólbhach san ar an mbarránach: sprochal trom feóla: aithsmeigín.

geónghail: *b.3.* glór san ionathar, béiceach, glór duabhaise. Cad fé ndeara an gheónghail san agat? An rud éigin nár réidhtigh leat é?: fothrom goile. Beir isteach an madra san i gcóir na hoidhche a's ná bíodh sé ag geónghail lasmuigh ghom choimeád im dhúiseacht: gol thruaighmhéileach. Chídheadh sé milseáin ag leanbh eile a's sin é ag geónghail é, deóra a's prioslaidhe leis lé tormas: ag gol lé peataireacht cheart. Ní thabharfainn lé rádh go mbeinn ag geónghail mar gheall ar an ngortughadh a dhein sé orm, ní thabharfainn mar shásamh do é: ag fagháil lochta a's ag gearán. Ag geónghail ag lorg a choda: ag pusaireacht.

geósadán: *f.1.* buachallán buidhe feóidhte. Cá mbeadh an neart san ngeósadán fir sin!: duine seang-dhéanta gan tathag. Dhéanfadh sé é lé geósadán!: leis an úirlis. Is amhlaidh mar atá an scéal ag saighdiúiridhe Éireannach mara mbeadh aca ach geósadáin go

dtabharfaidís cath leó: iad do bheith an-dhroch-armtha. Bíonn sé chómh huaigneach roim phúcaidhibh san oidhche go gcuirfeadh na geósadáin eagla air: samhladh dá luighead.

giall: *f.1.* corrán ón gcor go dtín smeigín, pluc; fiar fuinneóige. Is ait an áit duit an lampa do chrochadh ar ghiall na fuinneóige gan é do chrochadh ar thaobh an fhalla: taobh fiar. Níor chuir rásúr riamh ar a ghiall: níor bhearraidh é féin. Ar do thoil atá sé agat, tá sé ar ghiall agat: greim daingean tímcheall an smeigín. Bhuail sé i gcnámh an ghéill é gur chuir codladh air: ar ghob an chorráin. Rug sé greim ar dhá cheann ar an gcnámh feóla a's bhuail treasna a ghéill: chrom ghá chogaint do féin. An-mhór atáid lé chéile lé déidheannaighe, giall ar ghiall: an-leanamhnach ar a chéile: i ndlúththeangbháil.

gibín: *f.4.* cáinche, blodh, cunúr, luid, screatall, eag. An cócaire a bhí againn budh gheairrid an mhoill air béile so-bhlasta do dhéanamh de ghibínidhibh feóla ná beadh toirt t'órdóige ionta, nó d'fhuighleach aon tsaghais eile: blúiridheacha miona. A mhadra bhoicht, ní bhfaghair uatha ach na gibínidhe nách fiú leó féin d'itheadh: brúscar. Tá gibínidhe ar an iarann san a raghadh tríot, seachain: beara. Gibín tobac níl agam lé seachtmhain, d'ólfainn gal anois le guilm: cáince, blúirín: giota scine.

gibiris: *b.2.* gliogairnéis, cainnt neamhshoiléir, úrlabhra. Fadó nuair bhíodh iascairidhe na Frainnce go hiomadamhail ar ár gcósta dár linne garsúin gur ghibiris an teanga a bhí aca: cainnt ná raibh ciall ná brigh léi. As an ngibiris atá ag an leanbh thuigeas uaidh gur ocras a bhí air tréis mórán duaidh a's aimsire: iarracht dhoiléir ar labhairt. Gibiris éigin ar siubhal choidhche aige ná faghfá bun ná barr lé haonnidh a sceinneas as a bhéal: mionchainnt gan fuaimeant. Ná bíodh an ghibiris ort ach labhair amach: dlúthchainnt: neamhshoiléire.

gile: *b.4.* gléitheacht, glaine, glinneacht, solasmhaireacht, taithneamhacht, báine. Gile an lae atá ag teacht leis an iasc ná fuil sé ag breith solasmhaireacht: mórsholas gan smúit ná scamall. Chídhfeá na mílte ó bhaile an tigh lé gile na bhfallaidhe: báine a's gléas ionta. Is é mo chroidhe atá lán de ghile dhe, níl rud fén speir ná déanfainn ar a son: de thaithneamh: de bháidh a's mhotháilt cheanamhail. Ar leagadh mo shúl ar m'áit dúthchais tagann gile ar mo chroidhe: lúthgháir mhór. Gile na gréine ag rinnce ar an uisce gur dhóigh leat gur corónacha airgid í: í ag caitheamh solais air. Iongtas adeir ughdair dob eadh gile a cneasa: dath nádúrdha bán an chroicinn. An armáil agus an fearas cogaidh atá ag an Almáin cuireann sé iongtas na gile (gréine) lé n-a fheabhas a's a mharbhthacht ar a namhaid: iongtas thar iongtaisidhibh. A Dhia na Gile, cad dhéanfad anois a's me teanntuighthe: a Dhia ró-ionmhuin, ró-ghrádhmhar. Ar ór na cruinne ní thréigfinn thu lé cion, a ghile: a ghrádh ró-ionmhuin. Lé gile fáilte rómham ní mór ná gur stathadh na géaga asam ghá gcrothadh: méid an fháilte agus an áthais rómham. Gile na gile: an té is ionmhuine ar marthain. "Níl sé ceanamhail ort" – "níl ná me air, níl aon ghile amugha eadrainn": nílimíd buidheach dá chéile ná a aithreachas orainn. Ar a bhfuil caithte d'airgead aige a's ná fuil deireadh fós aige ní foláir nó bhí ualach na gile aige dhe: ualach trom groidhe. Raghadh gile ar an lá dá n-éirigheadh gaoth a scaipfeadh an ceódh dorcha san: éadtromughadh, solasmhaireacht. Is beag gile ar mo bheatha dhom bheith im chómhnaidhe lé teaghlach a chaitheas a saoghal ag giobadh orm: subháilceas. Beidh an lá ag dul i ngile ar Éirinn feasta: an saoghal ag bogadh uirthe: beidh sí ag druideam lé n-a

saoirse. Tá an ghile ag teacht anois orm, ’sis mithid é, is iomdha lá aoise agam: folt liath (bán). Cuireadh an oiread scannraidh air go dtáinig gile ann: d’imthigh an fhuil as a cheannaghthaibh.

gileacht: *b.3.* báine, gléire. Gileacht na sráideann leis na soillsibh láidre a bhíos ortha: iad do bheith lé feicsint go soiléir. Gileacht an éadaigh lé nigheachán a’s faid a thuartha: báine a’s glaine.

gillín: *f.4.* cairiún, capall coillte, duine teann, fuinneamhail. Gillín capaill aige chómh gleóidhte is shuidh fear riamh ’n-a dhrom: capall slíogach, bláith, teann, mear. Na gillínidhe ban a bhíodh sa pharóiste an uair sin, lán d’anam a’s de mheidhir, ábalta ar obair a’s gnóth do dhéanamh: mná córacha, teanna, gur bh’fhiú leat féachaint ortha. Is mithid di a bheith ’n-a gillín cailín óig (buachalla etc.): cnapán fuinneamhail gan bheith thar chosamhlacht aoirde.

gimléad: *f.1.* úirlis bheag chun poll do threaghadh, luardha. Le heagla roim chogadh raghadh sé isteach i bpoll gimléid: i bhfolach san áit budh dheacra.

giní: *f.4.* (*iol.* ginithe) bonn óir do deintí as an ór a thagadh ó Ghuiní: manna scillinge a’s fiche airgid. Ní phósfadh sí é toisc é do bheith chómh buidhe lé giní: an-bhuidhe. A’s céad giní óir mar spré lém chailín deas ruadh.

giob: *f.3.* (*-anna*) blúire, pioc, earrbaillín, giota, cáinche, piocadh, griog. Giob geab aca orm ó Luan Satharn: ghom ghriogadh, ghom chiapadh. Cuir uait an giob geab a’s dein rud éigin: díomhaointeas cainnte. Tá rud éigin ar an madra san, ní bhuailfeadh sé a phus ar ghiob: blúire bídh. Thug an fiolar críonna giob lé n-a ghob sa ghualainn do nuair bhí sé ag coilleadh a nide a’s chuir cneadh ghránda air: piocadh dóighte. Ní gábhadh dho bheith ag maoidheamh as ar thug sé de thobac dom, ní raibh ann ach giob: cáinche beag. An giob aráin a fuaireas d’árdóchadh éan n-a ghob leis é: an blúirín.

giobach: *a.* priocach, ciapuightheach, clúmhach, giobalach, slibirneach, lópaiseach. Maidean mhoch chídhfeá an t-éan go giobach ag gabháil de shlimididhibh sliogánacha, cnagairt ghá ngobaibh ortha d’iarraidh a mbriste: ag priocadh ortha. Teanga ghiobach ná scaoileann aonnidh thóirse gan bheith ag fagháil lochta air: ciapuightheach. Madra mór giobach go raibh clúmh go talamh leis a’s ag clúdach a shúl: lán d’fhionnadh: mothalach. Le náire an éadaigh ghiobaigh a bhí air, stollta, stractha, ní leigfeadh náire dho gabháil trís an sráid: giobalach. Ní feacthas riamh thu ach gnóth giobach agat go gcaithfeadh duine éigin lámh do shíneadh chuige id dhiaidh: neamhghasta, neamhchríochnamhail.

giobacht: *b.3.* neamhghastacht: griogacht: giobalacht. Chuirfeadh a chuid giobachta náire ort féachaint air: cuma shuarach, sprionnlaithe ar an éadach a bhí air. Dá mhéid do bheifeá ar do dhícheall chun a shásaimh oibre do thabhairt do budh mar a chéile é, ní dhéanfadh an gnóth dho gan bheith ag giobacht ort: ag fagháil locht a’s ag cáineadh. Budh dhóigh leat ná raibh leathphingne sa tsaoghal aige ar ghiobacht a chuid éadaigh, paiste a’s poll ann: stracuightheacht.

giobadh: *f.* (*-btha*) do phriocadh, ghriogadh, ghríosadh, chrádhadh; priocadh; gríosadh, giobadh. Dearbhugihim i láthair Dé ná raibh aon fhonn orm an gníomh so do dhéanamh mara mbeadh an giobadh do dhein an bhean orm, ghá rádh ná raibh sé de mhisneach agam a's gur mheathtach me: gríosadh, cur suas: griogadh. Ná bí ag giobadh chun troda orm, níl aon fhonn orm chuige: ag spochaireacht fúm: ag priocadh orm: ag séideadh fúm. Ag baint sceach do fuair sé giobadh an anama ós na deilgnibh: an ciapadh do dheineadar air ag dul tríd. Bítear ag giobadh orm, pé nidh do dhéanfainn nó pé slighe do dhéanfainn é, ní shásóchadh iad: ag dul tar cuimse orm ghom lochtughadh a's ghom chrádhadh. D'imthigh an misneach bídh uaidh, ní bhíonn sé ach ag giobadh ar aonnidh do bhlaiseann sé: ag teangmháil a bhéil leis gan ach blúire beag d'itheadh. D'éirigh an dochtúir chun buile nuair chonnaic sé an aiste atuighthe a bhí ar an láimh de dheascaibh giobtha lé biorán ar an gcneadh: griogadh, teangmháil: sáthadh obann lé rud géar mar snáthad nó bioran. Tabhair giobadh eile dho féach an gcorróchadh sé, nách righin, leasc é: priocadh: teangmháil chruaidh. Ná cuireadh an giobadh beag san ar do chroiceann aon mhairg ort, níl ann ach oiread púint bioráin: rian, cómhartha, créacht lé rud géar. Néal chodlata níor thuit orm ag giobadh dreanncaididhe: priocadh.

giobaim: *b.a.* priocaim, ciapaim, griogaim, crádhaim. Leig dom anois ar an mbuille atá fúm féach an bhféadfainn é seo do dhéanamh a's ná giob me lé bheith ag teacht treasna orm: ná ciap me: ná bí ghom shuathadh. Giobann na dochtúiridhe (cuileanna) an eadáil lá brothallach go n-imthighid san 'n-a dtáinrigh lé fiadhantas: ciapaid iad lé n-a gcealg. Gach oidhche lé seachtmhain ag déanamh ar breacadh lae giobann an namhaid an líne cosanta lé rúscadh gunnaidhe mór: ciapadh í: caithtear uirthe chun míoshuaimhnis do chur amach. Sé an ceal is mó a ghiobas é ceal na tobac, féach gur mór an dúil atá aige ann: a shuathas a aigne. Bhorr a's shéid an chos chuige go raibh oiread do chinn innte nuair giobadh lé biorán í: sáthadh go minic gidh go héadtrom b'fhéidir. Dathad uair do ghiobadh an breac ar an mbaoite gan dul in achrann an dubháin gur árduigh leis í: theangmhuigh sé go haireach leis ag fuadach coda dhe gach uair. Giob 'n-a lár é: tabhair sáthadh maith cruaidh do.

giobaire: *f.4.* duine nó rud a ghiobas. Níl sa tsuiséal manntach san ach giobaire ná hárduigheann scúchán ná sciolpa leis: teangmhálaidhe lag. Riamh ní néir faic, níl ionat ach giobaire: fear cainnte gan éifeacht. Tóg uaim an giobaire drithle seo, níl aon bhéal innte, choidhche ní dhéanfadh sí poll: úirlis gan éifeacht: lochtach, easbhaidhtheach.

giobaireacht: *b.3.* priocaireacht, ciapadh, blaistínteacht, lagtheangmháil, gríosadh. Beir ag giobaireacht orm anois go gcuirir strán orm: ghom chrádhadh. Bíd sin mar sin go minic ag giobaireacht ar a chéile, ach sin a mbíonn eatartha: ag tabhairt na bhfocal dá chéile. Maireann sé (iasc) thíos fós, a's cé ná fuil aon fhonn dulta suas air tá sé ag giobaireacht ar mo bhaoite: ag breith go lag air a's ghá smiotadh leis. Bíodh deireadh lé giobaireacht eadrainn a's téighimís i bhfeighil gnótha: griogadh: achrann suarach, lochtach. Éifeacht ar bith níl id chuid argóna ach giobaireacht, d'iarraidh breith ar rith focail nó tuiseal éigin cainnte: treasnaghal: ionsaidhthe beaga gan bhrigh. Beir ag giobaireacht ar an lampa san anois go leagfair é comh dearbhtha a's tá biana ar bhata bacaigh, níl a mhalairt d'fhuadar fút: ag teangmháil leis go neamhaireach.

giobal: *f.1.* ceirt, balcais olc éadaigh, géire. Dhein an madra giobail den gcat – strac sé a's stoll sé é. Mo thruagh an Fhrainnc a's í n-a giobail gen nGearmáin, lucht na tuatha teichte sa bailtibh móra a's lucht na mbailte mór ag teicheadh ón léirscrios: 'n-a géiridheachaibh: pasálta, brúighte. Treise a's buaine an ghála níor fhág giobal anairte ar an luing: d'imthigh an anairt 'n-a géiridheachaibh mar ghearrfí lé sciain í. Ar fhuadar mo bhochtanachta a's mo neamhadhmanas ní fada choimeádfad na giobail féin: dá oilceas mo chuid éadaigh ní bheidh san féin orm. Ar son Dé cuir giobal éigin ort féin a's ná himthigh id gheilt nochtuighthe: balcais éigin éadaigh. Chídhfead na giobail lá éigin ort: bochtnóchad thu. Níl ar mo chlainn ach na gioblacha: an-droch-éadach.

giobalach: *a.* stracuighthe, stollta, mothallach. Madra giobalach ná feicfeá súil ná béal ann: fionnadh trom fada ar sileadh leis. Culaith ghiobalach ná féadfadh duine dul amach an chéad lá ar ceaca cuid di a bhí ann ar dtúis: preabáin ar mhuin a chéile uirthe. Connus is dóigh leat go ndíolfá an capall san, níl sé ionaonaigh, rud giobalach mar é: lán de chlúmh fada a's gan cíoradh ná snas air.

giobanta: *a. n-dh.* cliste, glic, géar, seanchríonna. Dá óige í tagann cainnt ghiobanta uaithe mar thiocfadh ó dhuine aosta: seanchríonna. Dá chómhartha san féin go raibh sé ró-ghiobanta dhuit ag déanamh an mhargaidh bhuail sé an bob ort: ró-ghlic: doimhin, cleasach. Leig focal as bhéal dhuine éigin uair éigin a's ná bí giobanta: alpach: do thabhairt sclaimhe ar gach aonne a labhras. Bhuail sé liom ó chuiris a thuairisc a's is é bhí go giobanta gur dheacair aonnidh d'fhagháil liobarnach leis: go cabanta.

giob-geab: *f. n-dh.* síor ghliogairnéis, sruth-chainnt gan bhun. Focal dá ghiob-geab níor thuigeas, chuaidh sé díom dul amach cad ar go raibh sé ag tagairt: sruth-chainnt ná féadfí bun ná barr d'fhagháil léi. Is deacair do aigne shuaimhneasach do bheith aige nuair bhíonn giob-geab gach aonne air (gach aonne a's a ghiob-geab féin aige air): griogadh: lochtughadh: spochaireacht: stiall dá dteangain aca air. Ní giob-geab bheadh agam-sa leat ach tu do thabhairt os chómhair na dlighe: mionargóint a's achrann. 'n-a chuid cainnte níl ach giob-geab leinbh i gcómhnáird lé n-a líomhthacht úrlabhra súd: cainnt gan stuaim.

gioblachán: *f.1.* duine stollta, stracuighthe in éadach, duine nó ainmhidhe mothallach. B'fhearr liom gioblachán a gheóbhadh an bóthar chugham chun cainnte leis 'ná an té agaibh is mó meas air féin, a scata fáslach: ródaidhe aindeis. Is minic a bhí gioblachán braimichín 'n-a chapaillín cumasach: bramach beag, mothallach gan cuma ghlan ná gheallamhnach air a's go gcuirfeadh iongtas 'n-a dhiaidh san ort lé neart a's mire.

gioblachas: *f.1.* mionramh, nidh 'n-a bhlodhtachaibh: neamhchruinneas. An gioblachas atá ar siubhal ní thuigfeá dá gcaithteá scoil na n-ealadhan leis: neamhchruinneas cainnte. An gioblachas feóla a bhí tímcheall na háite ag an mbrothaire chaith sé i mála chun an ghioblacháin ocraigh iad: na blúiridheacha a bhí fágtha. An gioblachas go léir atá ortha dar ndóigh dá mbeadh ar a gcumas éadach do chur ortha féin ní bheidís ag imtheacht mar sin: balcaisidhe stracuighthe, leachta.

giobóg: *b.2.* bean neamhghasta: lán glaice d'aonnidh mar olann, féar, etc. Bíonn an bitheamhnach ag baint giobóige as an gcóca gach uair do gheibheann sé an chao: dorn:

ladhar. Sín giobóg choirce chun gach bó: táith mhaith throm. Aon mhilleán ní bheadh agam ar an ngiobóig bhoicht a bheith straoilleach i dtaobh a gnótha, ní fheaca sí a mhalairt d'eólas: bean neamhchríochnamhail neambaileach.

giobstaire: *b.4.* toice, táthaire cailín. Giobstaire ná fuil aon cheal cainnte uirthe ach ná cóireóchadh do leabaidh duit: cailín gur mó a cuid cainnte 'ná cuid oibre. Giobstairidhe seo an rinnce a's na scléipe ná féadfá cainnt do thabhairt dóibh, táid chómh mórchúiseach san: táthairidhe cailínidhe.

giobuighthe: *a.r.* priocuighthe, cráidhte, ciapuighthe. Giobuighthe im bheathaidh atáim ges na míolaibh corra, iad ag luighe ar mo chroiceann 'n-a gcéadtaibh mílte: "ithte", ciapuighthe. Fear giobuighthe ge n-a mhnaoi é, nách féidir leis a bhéal d'oscailt ná luid do dhéanamh gan a cead: cráidhte, céasta, claoidhte. Mo cheól t'fhiacla, a choileáin, is maith giobuighthe atá do cnámh agat dá luighead é thu: scriosta, glan, bánuighthe d'fheoil.

gíocs: *f. n-dh. uaillbhreas* glór. "Gíocs" deirtear lé leanbh óg nuair prioctar é chun preaba do bhaint as agus é do chur ag gáiridhe, nó lé leanbh a bheadh ag ganfhiosaidheacht chun geite do bhaint as. "Gíocs annsan, tá milseán ó dhuine éigin". Níor chuireas gíocs asam ach éisteacht leis: níor dheineas oiread agus "is maith" nó "is olc" do rádh leis. Ná bíodh gíocs ná míocs asat, ach gaibh lé n-a bhfuairis: aon fhocal amháin i ngearán ná i dtormas: tost. Ó, tá sé marbh, níl gíocs ná míocs as: focal ná corruighe. Buaileadh i gcródh an chinn é, a's ón uain sin níor chuir sé gíocs as: scread ná glór .i. bhí sé marbh.

giofaire: *f.4.* gealtán, duine go mbíonn cainnt gan bhun aige nó a ghníos rudaidhe gan faidtheallacht: aithiseóir. Éist, a ghiofaire a's nuair labhrair bíodh fuaimeant léd ghlór, cad é mar shaghas cainnte dhuit bheith ag cur scéal ar aonne: aithiseóir: duine a bhíos ag sáthadh a chinn i gcúramaidhibh chách. Giofairidhe seadh furmhór leanbh scoile ná fanfadh socair do mháighistir ná d'athair ná mháthair: gan puinn céille. Giofaire é a's a chapall do chur ar an rás a's a fhios aige ná raibh aon rás ann: éagconn: duine ar bheagán ciallmhaireachta. Stad de leath na cainnte a's ná bí ag déanamh giofaire dhíot féin: ag cainnt go hiomadamhail a's gan aon deallramh léi. Budh dhual a's budh dhúthchas do a bheith 'n-a ghiofaire os chómhair ban: duine a thugas cainnt neamh-mhánla uaidh.

giofaireacht: *b.3.* táthaireacht, aiteas cainnte, aiteas gnímh. Giofaireacht do, fear aosta mar é, dul chun cocaidheachta lé fear óg, láidir mar thu: aiteas: gliogaireacht: gníomh ná raibh cuma ná deallramh air. Giofaireacht is fearr atá aca so a bhíos d'iarraidh magaidh do dhéanamh fé thiomsughadh fear i gcóir cosanta na hÉireann: cainnt dheiliúsach, neamhfhearamhail, fhonmhódach. In ionad aon rud do dhéanamh ar scoil is amhlaidh do chaitheann sé an aimsir ag giofaireacht lé cuid eile aca: ag cainnt 'sag déanamh rudaidhe gan éifeacht. Ag giofaireacht dúinn féin atáimíd annsan gan sinn chun ná ó aonne eile: ag meilt na haimsire lé ráiméis a's aiteas.

gíog: *b.3.* glór caol, géar, gíoscán, gnús. Geallaim duit ná beidh gíog asam, oiread a's mo bheóla do chorruighe ní dhéanfad: focal: cor béil. Nuair rug an chú ar an ngirrfhiadh leig

sé gíog tinneasach: glór géar. Cuir smearadh fé lúdrachaibh an dorais tá gíog aca: gíoscán: glór garg. Ná faightear gíog asat!: bí chómh ciúin leis an uaigh.

giog: *f.3.* focal, glór. Níor fhág an carbhall úd i dtaobh na hoidhche a theich sé a's d'fhág sinne i nguais giog ann: d'éist sé go hobann. Chómh balbh lé cloich ón lá a rugadh é ní tháinig giog as: siolla: aon iarracht ar fhocal cainnte.

gíogaim: *b. n-a.* déinim glór obann, gnúsuighim. Níor ghíog sé, fiú amháin, ach imtheacht ar thóin puill, díreach a's mar ná beadh aon ghlór 'n-a theangain: níor dhein scread, liúgh ná gnús. Ná gíog faid bhead ag leigeant an othair as an gcneadh seo nó cuirfir amugha me: ná dein aon tsaghas cneada ná gearáin. Mar olc air ní ghíogfainn dá mbeadh an t-anam ag imtheacht asam lé pian: ní dhéanfainn a luighead glóir tinnis ná duaidh.

gíoglach: *b.3.* glórghal, greanghal, gnúsghal. Gíoglach na luch ist oidhche ar thóir a gcoda ní leigeann néal ar mo shúil: glisiam: glórghal. Cé hé pastaire na gíoglaighe annso?: ná féadfadh aonne léigheamh aige: an ghlisiaim: an té atá ag déanamh glórtha. Nuair bhí an cat i dtreis an fhranncaigh do bhí eisean ag gíoglaigh gen ngreim píopáin do bhí air: glór caol, géar ag teacht uaidh le pian a's eagla. Níor stadabhair ó mhaidean ach ag gíoglaigh ar bhiadh: ag déanamh glóir ghá chur in iúl go raibh biadh uaibh.

giolcach: *f.1.* caitheamh nó urchar laistíos, giolc. Caith urchair giolcaigh leis an mbuin sin: caitheamh leis an láimh aniar de threó na glún. Bhuail lé giolcach é.

giolcach: *b.2.* plannda coitcheann árd, snadhmach, folamh idir gach aon dá shnaidhm, a fhásas ar theórainn uiscidhe, i mbogachaibh, ar bhórdaibh loch a's abhann. Slat ghiolcaighe iascaigh. "Créad é an nidh go ndeachabhair dá fhéachaint amach ar an bhfásaigh? An giolcach ar n-a bhogadh gen ngaoith?" (Lúcás VII. 24): féar giolcaighe: seisc. Tá sé sin chómh líomhtha as a chorp a's go lúbfadh ar nós na giolcaighe leat.

giolcadh: *f.* (*-ctha*) corruighe, treithear. Ar éirghe dhom bhí giolcadh an lae díreach: corruighe an lae. Ar ghiolcadh an ghealbhain bíonn sé 'n-a shuidhe gach maidin: an chéad ghlór: treithear.

giolcaire: *f.4.* suaineálaidhe, duine guagach, séirle, dailtín, pastaire. Budh bheag orm muinghin do chur as ghiolcaire mar é nár fhan ar an inntin chéadna riamh dhá lá dá shaoghal: fuaidre: duine luathinntineach. Nuair ná fuair an giolcaire airgead in ionad bídh mar dhéirc do chrom sé ar tharcuisne: duine droichbhéastamhail beartha, déanta.

giolla: *f.4.* friothálaidhe, treóraidhe, tiománaidhe, gíománaidhe, bonnaire; an té gur leis. Amugha ní raghaidh sibh, tá giolla maith agaibh go bhfuil eólas gach puill a's póirse: stiúrthóir: eólaidhe. Bí ar t'aire anois, adeirim leat, ná tuig gur b'aon ghiolla mo lithéid é siúd in argóint agat, go bhfuil sé chómh furaiste sin é do chlaoidheachtaint: dóighthín bog: ná meas dréir a dheallraimh: ná tuig gurb ionann é a's na daoine go bhfuil tástáil agat ortha. Dá mbeinn ag trácht choidhche dhuit ar an gclódh aindeis a bhí ortha ní bheadh leath a gcunntais tugtha, ní raibh crích ghiolla ná ghearráin ann: cóiriughadh ná

socrughadh déanta do thiománaidhe nó do chapall .i. gach aon rud bun os cionn a's gan aonnidh i mbun ceartuighthe: ní rabhthas i gcúram neach. Tá dearmhad ort má tuigtear duit go mbeinn-se mar ghiolla mo lithéid agat, beir do chuid órduighthe chun duine éigin eile: im bhais chait: ar do chur a's do thoil gach tráth budh mhian leat. Is tú an giolla deacair id chrotaon, bheinn i gCorcaigh a's thar n-ais faid atáir ag triall ar bhraon uisce: fóghantaidhe: teachtaire. Giollaidhe (giollaidhthe) cailínidhe in éide i dtighthibh peictiúiridhe chun duine do threórughadh chun a shuidheacháin. Cá bhfuil giolla an leabhair sin, nách bóiléagarach a fhágann sé, go n-árdóchadh aon "phríochán dubh" leis é: an té gur leis é. Mise giolla an chapaill sin: an té atá ghá thiomáint nó n-a dhiaidh. Níl aon bhaoghal go ndeárnais dearmhad nuair dheinis giolla turuis díom mar is mise an duine luath luaimneach ar bóthar: teachtaire ar ghnóth tábhachtach. A ghiolla na leabthan, druid isteach a's tabhair slighe uait: an duine aca 'n-a seilbh cheana. Glaoidh ar ghiolla an tsiopa, tá deoch uaim: an té is ceart do bheith 'n-a bhun. A ghiolla so, déarfainn gur mhithid duit-se bheith ag cur díot: a dhuine seo [deirtear so le turaireacht]. Giolla maith pinn: scríobhnóir maith. Me féin a's mo ghiolla: an buachaill a bhíos i mbun nidhthe do dhéanamh dom mar teachtaireacht, soláthar bídh, aire mo chuid éadaigh etc.

giollaidheacht: *b.3.* tiomáint, treórughadh, stiúrughadh, maoirseacht. Giollaidheacht thar barr dob eadh a chapall 'sa thrucaill do bhreith saor thar an mám anacrach san: aire a's tiomáint. An té a bhíos ar roth gluaisteáin, ar aradhain capaill is é a bhíos ag giollaidheacht: ag tiomáint sa treó cheart. Fé n-a ghiollaidheacht súd, mar tá togha an eólais aige, éireóchaidh leat foghluim: stiúradh a's teagasc. Ní gábhadh dhuit mise do ghiollaidheacht in ao'chor, déanfad mo chúram gan aon chabhair uait: bheith ghom chur ar mo shúilibh. Ag giollaidheacht an daill treasna na sráide: ghá threórughadh ar an mbealach go sábhálta.

giollamhail: *a.* gasta, glic, géarchúiseach, críochnamhail. Rinnis me do chur ar an mbóthar ceart sa chathair go giollamhail, dheineas m'eólas gan duadh: go stiúrthach. Giollamhail iongtach atáimid beartha trí dhoircheadas a's trí achrann: aireach i stiúradh agus i dtreórughadh ó chonntabhairt.

giolluighim: *b.a.* stiúruighim, treóruighim, dírighim, tiománaim. Giolluigh na capaill a's treabhfad-sa: beir ar an aradhain a's tiomáin sa treó cheart iad. Táim amugha ach is ins an treó so do giolluigheadh me: do cuireadh ar mo shúilibh bealach áirighthe dom do ghabháil. Má chídhir ag dul amugha me sa scríobhnóireacht so giolluigh mé: treóruigh me ar an slighe cheart. Giolluigh an gluaisteán gan bheith ag tabhairt cor léithe nó is baoghalach go mbascfar sinn: tiomáin mar is cóir í. Má thugann tu tur ar gach rud a déarfaidh na táthairidhe sin leat giollóchaidh siad chun an diabhail thu: tiománfaid chun na croiche thu: cuirfid ar bhealach t'aimhleasa thu. Giolluigh t'anam ar Dhia: chun Dé stiúruigh thu féin. Giolluigh amach as so anois: bí ag cur díot.

gíománach: (**gíománaidhe**) *f.1.* tiománaidhe cóiste, bonnaire, cladhaire. Is maith ar fad an gíománach tusa, cad n-a thaobh dul im phóca: cladhaire a ghníos rud trí ghanfhiosaidheacht. Ghaibheadh Cúpar 'sa chonairt de dhruim Shléibhe an Fhiolair 'sa chuid gíománach 'n-a fhocair: bonnairidhe: a lucht cóngta fiadhaigh. Níor bh'fhearr

gíománach a ghaibh capall riamh fé chóiste ’ná é, tubaist níor éirigh do: tiománaidhe capaill, a’s cóisteóir.

giorra: (**giorracht**) *b.4.* athchomaireacht, grodacht, aice, gan faid mhór do bheith ann: gan sroicheamhaint i bhfad; gan ach seal nó slighe bheag bheith ó thúis go deireadh cúrsa etc. Ná raibh san de ghiorra saoghail ort: an fhaid do bhís ag gabháil de rud éigin. Nára giorra saoghail ort an rud atá déanta agat: go mairir níos sia dá bharr. Dá mbeadh giorra radhairc(e) ort ní fheicfeá me (turaireacht): táir ró-ghéarchúiseach ar fad ar nidhthibh ná baineann leat. Táir ag dul i ngiorracht leis an aois: ag cromadh a’s ag dul as. Sé a fhaid ar a ghiorracht agat é ná bead ghod bhodhradh leis gur thugas cúl mo láimhe leis an gcladhaire: in aon fhocal amháin. Chuadhas i ngiorracht poinnte an bhioráin do é do léasadh idir an dá shúil: ní raibh ach a rádh nár dheineas. Chuaidh sé i ngiorracht dubh t’iongan do dhul lé haill nuair imthigh (scéidh) an port ó n-a chois: scar sé go caol, cumhang (go maith) leis. Cómhnuighim i ngiorracht urchair méaróige don gcrosaire: chuirfeá cloch d’urchar (caitheamh) ó áit aca go háit eile. Cuireann breis rámhaidheachta giorracht anáile orm: briseadh réidhis m’analadh. D’imthigh sé ar dianghluaiseacht a’s d’fhill i ngiorracht aimsire: gan puinn moille. Ar a ghiorracht aimsire ó fhág sé ní fhéadfadh sé a’s a ghéirdhícheall do déanamh, do bheith thar n-ais fós: seal beag. Is eagal liom ná déanfaidh an téad so an gnóth, is ar a giorra(cht): níl sí de bheagán fada a dóthain. Giorracht a ghéag a tháinig leis nár fhéad sé aon bhuille do chur i luighe gaibhte ar a chómhdhórnálaidhe: gan iad do bheith fada a ndóthain. Níl an t-airgead slán agat, tá giorracht corónach ort: an méid sin easnaimh. Beidh giorracht bheag ag dul ar an lá ó dheireadh Mheithimh: ní bheidh chómh fada leis an lá is sia.

giorraisc: *a.* grod, obann, gan choinne. Tabhair freagra cuibhe ar cheist chuibhe ná bí giorraisc a’s freagra tur do thabhairt: grod, neambéasamhail. Neamhfhoidhneach, giorraisc as a theangain: gan fanacht lé machtnamh, ach teallaireacht do thabhairt do gheit. Rud ró-ghiorraisc an leitir seo d’fhagháil ghom scur óm bheart nuair cheapas go rabhas suidhte go daingean innte: obann, bascuighthe, gan choinne. Nuair chonnac an deiliús a bhí fé do thabhairt dom agus an táir, scríobhas freagra giorraisc chuige ghá chur ’n-a luighe air ná raibh tur madra agam air, agus gan aon dá leath do dhéanamh dá dhícheall: gan mo dhímheas do cheilt. Ná beir giorraisc orm, tabhair eaga chainnte dhom: ná halp me: ná beir ar scórnaigh de phreib orm. Thugais freagra giorraisc air agus é tuillte aige nár fhág smiog aige: deisbhéalach: gearrthach: gonta, marbhthach.

giorraisc: *b.2.* teallaireacht, grod-chainnt, béal-obainne. Ní fhuilngeóchainn giorraisc ó neach, dar fiadh, ní ghearánfainn ar phéac sheóidh a’s grinn fúm ach an rud eile: ceal measa agus béasamhlachta. Ar ghiorraisc is fearr é nuair griogtar é: freagracht obann, ghonta. Thíos ná thuas níor fhágadar ar a chéile é gan gach aon achmhusán fén spéir do chasadh lé n-a chéile: labhartha borba drochthagartha.

giorrughadh: *f.* (*-uighthe*) baint faide dhe, crapadh, teascadh. Giorrughadh beatha ar dhuine drochúsáid a’s drochchóir: duine do chur ar sheal beag di. Bímís ag giorrughadh an bhóthair, tá turus fada rómhainn, a’s an deireannaighe ag breith orainn: ag cur dinn. Giorrughadh ort maran tú an t-iomard!: mallacht. Bí ag giorrughadh ar do théid, tá sí ró-liobarnach: an méid di ná fuil feidhm di í do tharrac chughat. Chrom an t-athair ar

ghiorrughadh ar an ndeóntas dá mhac nuair chonnaic go mbíodh ghá chaitheamh go hait: gan an gnáth-oiread do thabhairt do. Giorrughadh ar an mbiadh toisc an chogaidh: gainne ag dul ar a riar: bainistighe dhá dhéanamh air: ceal.

giorruighim: *b.a.* crapaim, connluighim. Giorruigh ar do theangain, táir ró-ghiorraisc: cuir srian léi. Giorruigh ar an mbiadh don gcapall nó marbhóchaidh sé na daoine lé teasbhach: ná tabhair oiread do.

giorta: *f.4.* salachar. Coirce giorta: go mbíonn smúit dhubh ann.

giortach: *a.* crapuighthe, seargtha, sciotuighthe. Ó, léan air mar tháilliúir, d'fhág sé do chasóg ró-ghiortach, níl sí ag dul thar árd do thóna!: gan a dóthain faid innte. Na híocthair ghiortacha ná sroicheann a nglúine ar na cailínidhibh cuireann na seanmhná go mbíodh ríobail 'n-a ndiaidh ar a ngúnaidhibh grainnc ortha féin cúcha: sciotuighthe: mós gearra. Coirce an-ghiortach seadh é, tháinig an iomad spalla triomaigh air a's ní tháinig an fás fé: gan bheith árd.

giortachán: *f.1.* aosánach íseal. An clódhchas ar fad atá sa ghiortachán a's ná sroichfeadh sé poll m'oscal orm: meathalán in aoirde.

giortáil: *b.3.* cóiriughadh, socrughadh. Bead ghom ghiortáil féin i gcóir an bhaile mhóir anois: ghom ghléasadh féin. Á, tóg mo lámh leis, go raibh giortáil déanta ag an Almáin i gcóir an chogaidh seo: tiargabháil: cóiriughadh. Tréis na giortála go léir, an diabhal iasc go rugamair air: an eaga mhór do caitheadh ag déanamh fearais.

giortálaim: *b.a.* cóirighim, trusálaim, giortáil suas do chuid éadaigh ort nó tuitfid díot: tairng ort iad go gasta a's fáisc.

giosaidhe: *f.4.* ógánach, gadsádaidhe, teachtaire. Ní tháinig na giosaidhthe abhaile ó scoil fós: na leanbhaidhe. Cé leis an giosaidhe seo?: an rud óg. Bím an-leathlámhach gan aon ghiosaidhe tímcheall orm a raghadh ar teachtaireacht dom ná thabharfadh cabhair: aosánach áiseamhail.

giosaidheacht: *b.3.* do dhéanamh teachtaireachta, do bheith áiseamhail tímcheall duine a bheadh an-ghnóthach. Gheibheann sé roinnt scillingidhe sa tseachtmhain as leitreacha do chur 'on phost, dul go dtín siopa etc. a's giosaidheacht mar sin: áiseamhlacht. Duine ait gur bh'fhearr leis bheith ag giosaidheacht do dhaoinibh eile ar neamhnidh 'ná faic do dhéanamh do féin: do dhéanamh áise a's mionghnóthaidhe. Ag giosaidheacht don sagart: ag rith annso agus annsúd do ar chúramaidhibh éadtroma.

giosáil: *b.3.* do ghéarughadh, do bhriseadh (uachtar) lé breis teasa, neamhghlanchar do thabhairt musa. Tá an t-uachtar ag giosáil sa drabhlaigh le mío-oireamhnaighe an adhmaid (iomad teasa, cómhgharacht do bholadh, salachar etc.): ag géarughadh 'sag briseadh.

giosán: *f.1.* breaicín, i bhfad níos lugha ’ná an breac ruadh. Dar ndóigh ní thabharfá seacht cinn de dheargánaibh ortha san a’s a mheathalacht atáid, nách cosamhla lé giosán gach ceann aca: deargáin an-bheaga.

gíoscadh: *f.* (*-ctha*) glór garg, scríob-ghlór garbh. Chloisfeá míle ó bhaile an gíoscadh a dhein an long nuair scríob a cliathán den gcarraig ghairbh: glór garg, neamhmín. An gíoscadh a bhí ge carraigeachaibh ag cuimilt dá chéile nuair thuit an fhaill: glór garbh a ghoillfeadh ar chluasaibh.

gíoscaim: *b. n-a.* déinim glór garg, garbh. Ghíos mo chnámha nuair baineadh an treascairt throm asam anuas ar an dtalamh cruaidh: baineadh glór asta mar chuimleóchadh dhá chompar chruaidhe dá chéile. Ghíos mo bhróga lé n-a nuadhacht: dhein an leathar glór ar gach céim.

gíoscán: *f.1.* glór garg, garbh, cuimilt nó teangmháil bhorb-ghlórach. Beidh gíoscán fiacal in ifreann: na fiacla ag bualadh ar a chéile go mion minic glórach. Mo thruagh do cheann, is é an gíoscán trucallach é: aon ghlór atá ann níl ach ar nós an ghlóir do ghníonn agastair trucallach gan smearadh. Bhain sé gíoscán as a fhiacalaibh lé feirg a’s dásacht chun troda: glór cnagach ó chuimilt dá chéile. Táir róthrom don gcathaoir brisfir í ar an ngíoscán atá aice: glór a máillidhe fén strus atá uirthe.

gíoscánach: *a.* glórach. Bróga gíoscánacha nár díoladh fós asta: go mbíonn glór chnagach ag an leathar “ag scéidheachtaint” ar an té gur leis iad! Cathaoir ghíoscánach í sin ná suidh uirthe, tá a síomaidhe scartha ó chéile a’s iad ag luascadh, ná suidh uirthe nó déanfaidh sí glór gránda.

gíoscar: *f.1.* teangmháil a’s glór garg. An gíoscar a bhíos ag clochaibh an chladaigh nuair bhíonn an stoirm ghá suathadh: glór a bhodharfadh thu. Cad é an gíoscar uathbhásach a bhí ann nuair bhuail an dá luing ar a chéile: an glór garg a gheóbhadh siar ’saniar tríd cheann.

giosta: *f.4.* aon rud cruinn teann. An giosta tóna atá air: tón teann téagartha cruinn. Buaileadh lé giosta cloiche me: ballán cruinn.

giostaire: *f.4.* duine a bhíos teann as a deireadh seachas aon chuid eile dhe. Giostairidhe teasbaigh ban: mná teann-tsliastrach, sláinteamhail. A ghiostaire maran fút atá an lán a’s an meas: duine táir.

giota: *f.4.* blúire, blodh, cuid, sliocht. Léig giota as an bpáipéar dom: ádhbhar, cuid de ag cur síos ar rud éigin. Ní hé sin mo cheapadóireacht féin in ao’chor, giota as leabhar é: sliocht: cuid tógtha as. Bheadh san ag itheadh aráin giota ar ghiota: geannc i ndiaidh geannca. Tá giotaidhe eile sa leabhar cunntais id choinnibh leis: mionfhiacha. Thuit na háraistidhe ón bhfreastalaidhe a’s deineadh giotaidhe (fogha) dhíobh: blodhtacha: “deideanna”. Giotaidhe adhmaid scaipighthe ar barr taoide tréis na hoidhche: mionramh: gadraighe. Bailigheann giota ualach: cur na mionrud lé chéile deineann cuid mhór de.

gíotáil: *b.3.* ionfairt oibre, rudaidhe caithte go fuarspreóiseach. Beidh gíotáil ar iasc indiugh, bhí na báid lán airéir de: obair ghá ghearradh, á ghíotáil, á nighe a's ghá chur ar salann. "An ndeárnais mór-chuid oibre indiugh?" – "gíotáil – tamall sa ghort, tamall sínte, a's tamall eile ag rómhar": ionfairt: obair éadtrom gan mórdheabhadh. Má tá an t-aos féin aige bíonn sé ag gíotáil tímcheall an tighe: ag déanamh mionrudaidhe. Cuir an ghíotáil sin as an slighe uait, tabhair fairsinge dhuit féin: eangaighe (constaicidhe) a bheadh ag teacht treasna ort. An ghíotáil go léir do fuairtheas ar thóin a phóca – meilit scine, ladhar phingnidhe, giota tobac, lasáin, etc.: earraidhe caithte tóin thar ceann. As an ngíotáil dóibh bhuaileadar a chéile: ladhráil: breith isteach, sáthadh a's tarrac: ionnramháil: dul trí chéile. Cad é an ghíotáil a bhí tímcheall an bháide ag na himireóiridhibh: útamáil: brughadh, sáthadh a's suathadh. Ná bí ag gíotáil leis an órd ach beir i gceart air a's buail leis: ag útamáil: ghá láimhseáil go neamhchórach, neamhchríochnamhail. "Ar óladh mórán dighe ar an mbainis sin?" – "deineadh – gíotáil": streanncánacha. Is mithid dómh-sa bheith ag gluaiseacht, níl na cosa go ró-mhaith agam, bead ag gíotáil liom: ag bogadh mar is féidir liom.

gíotálaidhe: *f.4.* útamálaidhe, duine a bhíos d'iarraidh ruda do dhéanamh a's nách féidir leis sin go slachtmhar trí aois, ceal eolais nó cumais. Ná tuig gurb aon spealadóir thu, ní headh, níl ionat ach gíotálaidhe – féach an fear id dhiaidh: aindeiseóir. Cuir uaim anois, ná bí ag rith leat féin ar fad ghá cháineadh, gíotálaidhe maith seadh é: duine a bhíos ar a dhícheall a's go dtuiteann obair leis trí neart luighte léi. An-ghíotálaidhe tímcheall an tighe seadh é, cé ná fuil aon mhaith sa ghort ann: duine a chlaoidheas lé n-a ghnóth, pé anródh ná daille oibre a bhíos air.

gíotam: *f.1.* brughadh, achrann tímcheall seilbhe aonnidh mar peil etc. Chaitheadh "daoine uaisle" pingnidhe chughainn a's cad é gíotam a bhíodh againn d'iarraidh a sealbhuighthe ar a chéile: brughadh, tarrac, sáthadh, leagadh. Sa ghíotam dóibh tímcheall na peile briseadh cos dhuine aca: útamáil: coimheascairt. Caitheadh pingin sa sciúiteam, a's cad é gíotam a bhí againn ar an dtalamh: anáirde san aer a's achrann dall a faghála. Ainmhidhthe an-ghann ar an aonach a's gíotam ortha ag ceannuightheóiridhibh: iad ghá fhéachaint lé chéile cé go mbeadh tosach ceannuighthe aige. Ithidh bhur gcuid bídh, a leanbhaidhe, go béasamhail, ciúin, a's cuiridh uaibh an gíotam: an deabhadh a's an fuirse fés gach duine aca go mbeadh breis aige féin. Ní holc é D. sa ghíotam: san áit go mbíonn iomarbháidh neamhchothromamhail: bíonn D. go maith chun a chion do bheith aige cómh maith lé fear.

gírle guairle: *f.4.* callán a's fothrom. Cad é an gírle guairle atá ar siubhal sa tigh seo go bhfuil an gleódh a's an fhuaim go léir ann: cíorthuathail fíghreán. Ar fuaid furmhór na Frainnce indiugh tá gírle guairle ag daoinibh ag teicheadh lé n-a n-anam ó n-a namhaid, a ngnáthaidhe beaga dhá bhailiughadh leó aca mar is fearr is féidir leó: dul trí chéile.

girréis: *b.2.* so-mheanma, árdughadh croidhe, meidhir mhór. Ar an ngáiridhe neamhghnáth a's an greann atá air indiugh tá rud éigin tárluighthe dho atá ag cur girréise air: meidhir a's soilbhre. A fhir bhoicht, a's ní hiongadh dhuit é tréis bháis do mhic, is ort ná fuil an ghirréis: an sult croidhe. Dual do dhigh girréis: an dream a ólas roinnt is gnáth

iad go soilbhir, subhach. Bíonn sé ag obair 'sag amhrán in aonfheacht, fear girréise seadh é: duine go bhfuil croidhe meidhreach aige.

girréiseach: *a.* meidhreach, sultmhar, subhach. Dhein an braon mearbhaill beagán girréiseach é, chrom sé ar amhrán a's ar rinnce: chorruigh chun bheith éascaidh, a's neamhchúramach ar cad budh dhóigh lé daoinibh dho. Ó baineadh an bhéic úd as gur chaill sé oiread dá mhaoin, níl sé chómh girréiseach: ní fheicfeá i gcuideachtain ná i gcómhluadar é: neamhghreannmhar. Budh ghirréiseach a bhí sé nuair aontuigh sí dul ag rinnce leis: a chroidhe go sultmhar a's é go foillseach 'n-a ghnúis.

giúdach: *f.1.* duine den aicme Eabhraigh: duine a fháiscfeadh an phingin dhéidheannach asat nó ná beadh truaighmhéil ar bith ann. Tá rud le sprionnlaitheacht ná déanfadh giúdach: an té budh chinnte a's budh chumhainge croidhe. Giúdach ceart ag déanamh margaidh: duine an-ghlic, an-chruaidh. Fear galánta giúdach 'e bhreis ort: is mór gur: is suaraighe go mór thú ná é.

giúirléid: *b.2.* arm, úirlis, earra neamhdheallramhtach. Sin giúirléid scine ná gearrfadh choidhche an giota tobac san, caith uait í: tá an béal imthighthe aiste: droich-earra: meilit. Nách iongtach a mbíonn de ghiúirléididhibh istigh i gclog: máillidhe beaga. A mbíonn de ghiúirléididhibh ag siúinéir: úirlisidhe. Bailbh chughat do ghiúirléididhe, do chip agus do mheanathaidhe a's árduigh chun siubhail tú féin: do mhion-ghnáthaidhe: na rudaidhe go léir a bhaineas léd ghairm. Giúirléididhe an mhangaire taistil: aistrighthe, málaidhe a's gnáthaidhe. Giúirléid: bod.

giúistís: *b.2.* breitheamh. Ní thabharfadh giúistís cainnt don bpastaire: aon rud a déarfí bheadh a bhreitheamhantas féin aige air le meas a's ughdarás. Ghaibh sé tríd an sráid mar gheobhadh giúistís: fear tábhachtach ughdarásach.

giumhais: *b.2.* crann. Giumhais phortaigh, na boinn chrainn a gheibhtear sa mhóin. Scolb giumhaise ní bheadh níos trioma 'ná é: an-thirim. Tá an mhóin 'n-a ghiumhais: tirim, éadtrom.

giúrán: *f.1.* sceólmhach: an ball cuirp in iasc go dtairngtear an anál leis. Rugas ar ghiúrán ar mo dhuine nuair rugas ar a láimh im phóca: go cruaidh, goirtightheach ar phíopán.

giúrdún: *f.1.* tón. Duine teann, beathuighthe do-thuigseanta. Tabhair do ghiúrdún don dtalamh anois ó bhrisis an chathaoir: suidh ar do bhúndún. Síd é an giúrdún gur deacair aon choimhtheas do dhéanamh air gan é do lasadh chughat: duine tuathalach, daibhceach (daghaiceach = do + aghaidh + (c)each). Fág as an slighe uaim, a ghiúrdúin, is mó de dhíoghbháil 'ná de mhaitheas thu: aindeiseóir aineólach.

giúrnáil: *b.3.* gíotáil: do dhéanamh mionrudaidhe, glór, míoshuaimhneas a's gleódh. Giúrnáil éigin ar siubhal i gcómhnaidhe ag an nduine céadna, ní túisce beart nó obair caillte aige 'ná bhíonn ceann eile aige: saghas éigin fóghantais a chothóchadh é. Ag giúrnáil leis a's sin uile a bhfuil ann: ag stracadh leis lé drochshaoghaol nó de dheascaibh máchala éigin. Budh mhór an ghiúrnáil duit an áit seo d'fhagháil amach a's gan aon eólas

agat ann: iarracht fé mhíochomhthrom. Cad é an ghiúrnáil atá agat leis an ngluaisteán san gach aon tráth a's gach aon lá, laitfir í: teangmháil: ag gabháil di chun a socruighthe. Ní giúrnáil go dtí mar tá ort anois lé fonn bóthair: neamhshocracht: corthónacht. Bhí giúrnáil éigin aca lé n-a chéile gur bhascadar a chéile: baint ná raibh síothchánta.

giúrnálach: *a.* mionghnóthach, neamhshuaimhneasach. Duine giúrnálach é sin ná faghfá thoir ná thiar nuair theastóchadh sé uait gabháil de rud éigin: a lámh sáidhte i rud éigin tairbheach nó míothairbheach. Dá mbeitheá gan bheith leath chómh giúrnálach agus fanacht réidh leat féin ní hiompófí an bád ort: corruightheach, míoshuaimhneasach.

giúrnálaidhe: *f.4.* duine a bhíos ag gabháil de mhionghnóthaidhibh: duine a chlaoidheas lé haon tsaghas gnótha, a bheadh sáidhte i ngach rud d'iarraidh a chion do bheith aige. Giúrnálaidhe maith a dhóthain tímcheall iascaireachta seadh é: fear fonnmhar, claoidhte lé gnóth. Fan socair mar a bhfuilir, nó corróchair na daoine, nách piantach an giúrnálaidhe thu ná féadfadh fanacht réidh, socair: ruathaire: duine taomanach. Is iongtach na giúrnálaidhthe iad a's siubhal treasna na hÉireann: daoine a chlaoidhfeadh a's a luighfeadh lé haon duadh. Obair throm ná thábhachtach níl ionat do dhéanamh, níl ionat ach giúrnálaidhe: duine ná bíonn beacht ná cruinn.

giústa: *f.4.* aon rud (árus) a bheadh mór, cruinn: tón: fámaire díomhaoin. Ní hiongadh dhuit giústa (tóna) do bheith ort is tú atá dhá photfhiadhthadh: tón thoirteamhail. Éist, a ghiústa ná cloiseadh aonne fuaimeantamhail ag cainnt: duine tuathalach gan tuigsint léir. Giústaidhe ban go bhfuil rian a gcoda ortha: mná taithigeacha, trom-tsliastrach. "Éirigh, a ghiústa, a's dein rud éigin seachas bheith caithte ar do gheidirne annsan: a liaghairne, bheathuighthe dhíomhaoin. Bhuail sé an giústa ar a bhéal a's bhí ghá ól leis: an t-árus mór: ciota.

giústáil: *b.3.* búrdáil. Thugadar giústáil mhaith dá cheile maidir lé dórnáil a's leagadh cé nár goirtigheadh aonne: tuargaint. Raghadh an cailín ar scoil go fonnmhar dá bhfaghadh sí giústáil: léasadh ar a tóin.

glac: *b.2.* greim nó lán cruibh: mág, cróg, ughdarás: eag. Glaca an innill maoluighthe ó bheith ag cuimilt dá chéile lé droichstiúradh, tá a ngnóth déanta: fiacla i roth. Lán mo ghlaice de mhnaoi go mbeadh fuinneamh innte b'fhearr liom í ná áilneán díomhaoin: beainín. Lán glaice d'fhéar níor ith an capall san lé mí: ádhbhairín féir. Ní heól dom cad thárlaidh don airgead ó thugais isteach im ghlaic dom é: im chrobh: im láimh. Cuir annsan do ghlac, is breágh liom lámh do chrothadh leat: do chrobh. "An bhfuil do dhóthain olna agat?" – "tabhair glac eile dhom": oiread agus ghreamóchadh an lámh. Tá an gort chómh lom san gen spalladh triomaigh ná faghfá glac ann: oiread a's ghreamóchadh an crobh d'aon tsaghas fáis. Fuaireamair glac beag mara go raibh tráigh ghainimhe ann mar a raibh fothain againn: gabhal: bléin bheag. Gheobhair an ghlac uainn, déanfam dod réir: ughdarás ós ár gcionn. Coimeádfaidh súd a bhfuil aige, ná bíodh eagla ort go gcaithfidh sé é, i gcúl a ghlaice: i ngreaim dlúth, daingean. Oscail do ghlac, féach cad tá agat: mála, beartán, osclán etc.

glac a bhfaghair: *f.* mealbhóg nó taisceadán dos gach aon ghiúrnáil. Caith annso síos iad sid é mála "glac a bhfaghair": taisceadán go bhfuil fáilte roim gach aon rud ann: ní heiteófar faic ann. Tusa "glac a bhfaghair", an diabhal rud ná go dtógfair: fear fáilte aon tsaghas chun do thairbhe.

glacach: *a.* tógach, sanntach. Riamh níor dhiúltuigh sé faic, duine is glacaighe ní heól dom: a thógfadh go fonnmhar a bhfaghadh nó a tairngeófí dho. Béal mór, glacach ar an éan: a gheobhadh nó a shloigfeadh cuid mhaith.

glacadh: *f.* (*-ctha*) tógáil, breith ar rud a tairngtear: rud a tógtar lé toil. Is iad mo cháirde a bhí ghom ghlacadh bog nuair bhíos tinn, breóidhte, gan neach aca ag teacht im ghaobhar ná ghom fhiafruighe: ghom thógaint, etc. Glacadh ná beir in aithreachas do an t-airgead san a tairngeadh duit do thógaint: gabháil. Ná bí ag glacadh eagla roim an bhfear san, níl sé ar do thí: ag tógaint eagla. Glacadh ar glacadh nidhthe do mhalartughadh a's gabháil leó go toilteanach. Tréis a ghlactha sa mhainistir luigh sé lé húrnaighe: gabháil leis mar dhuine den gcuallacht ann. Ag glacadh ós gach aonne ataoi riamh, a shuaracháin: ag tógáil rudaidhe ó dhaoinibh a bronntar ort.

glacaim: *b.a.* tógaim, beirim ar, greamuighim, gabhaim lé tairsgint, geibhim. Ghlac sé fuacht ó bheith rófhada san uisce: ghaibh sé. Glac a bhfaghair a's tóg a bhféadfair: gaibh lé n-a dtairgeófar ort nó a bronnfar ort, a's ná bí chun deireadh lé haonnidh as do chumas féin. Glac misneach, a dhuine, nílir claoidhte fós: gaibh chughat é. Dá cheanndáine é, do ghlac eagla roim an sciain é: rug eagla greim air. Mac Dé a ghlac colann daonna: a ghaibh chuige. Tá ainmhidhthe a ghlacas dath an bhaill n-a dtímcheall chun a dtóraidhthe do dhalladh: a ghabhas ortha. Glac leis nó ná glac leis, caithfir gabháil leis: tóg é go toilteanach nó ná dein. Níor ghlac sé cead ná ceileabhradh liom: d'imthigh sé gan focal do rádh.

glacaire: *f.4.* duine a thógas nó a ghreamuigheas. Glacaire iongtach in achrann é: fear gur féidir neart a ghéag do chur i bhfeidhm. Glacaire gan náire: duine a bheadh ag tógaint choidhche gan aon phioc dá iongtas tríd air, gur mó dá bharr do bheadh amuigh aige. Glacaire truaillighthe: duine a bhíos "ghá stathadh féin": ag láimhseáil a áise.

glacaireacht: *b.3.* teangmháil, láimhseáil, braithstint, lapadaíl, ladharáil. Ná dein glacaireacht thruaillighthe: ná bain leat féin: ná déin uath-chuimilt. Laitfidh an iomad glacaireachta an t-iasc: an iomad útamála leis na lámhaibh. Thugadar seal maith ag glacaireacht ar a chéile sara bhfuair aonne aca greim ar an nduine eile: d'iarraidh dul ceangailte 'n-a chéile leis na lámhaibh. Aon ghlacaireacht ná bíodh agat liom, ní lugha orm an súgh ná thu: aon bhaint ná teangmháil. Ag glacaireacht ataoi riamh, id Dhonnchadh Ó Déircín: ag brath ar chách chun ruda do thabhairt duit. Bhraitheas ag glacaireacht tímcheall mo phóca é: ag cuardach lé hinntin dul ann.

glacán: *f.1.* loca, dorn, gleann, cumar. Glacáin dhoimhne ná taithnigheann an ghrian ortha ag rith i bhfad isteach ann: cumaracha. Ná bí ag cainnt, ach dá bhfeictheá-sa an glacán billidhe a bhí aige: deascán. Caith glacán mine chun na muice sin: oiread a's thógfá id chrobh.

glaclach: *b.2.* oiread a's thógfadh na lámha d'aon iarracht. Glaclach feamnaighe: beairtín. Caith glaclach féir chun an chapaill: osclán nó gabháil bheag.

glacsam: *f. n-dh.* duine nó ainmhidhe a thógfadh go fonnmhar a bhfaghadh. Abair "ólfad é" nó "ní ólfad é" – "ólfad, a mhic ó, mise glacsam": an té ná diúltuigheann d'aonnidh.

glac-shaor: *a.* laimhthighiseach, bronntach, fial. Chaitheadh sé a chuid go glac-shaor ar na bochtaibh, ní raibh aon lúib istigh in airgead aige: laimhthighiseach: go fial a's go hiomadamhail. Is maith uait, go deimhin, agus is galánta do bheith glac-shaor lé cuid na ndaoine eile: rabairneach 'n-a thabhairt uait.

glactha: *a.r.* beartha, 'n-a bhráighe, gabhtha, tógtha lé toil. Tá Peáras glactha lé coighcíos: tógtha. Níl glactha liom fós: nílim tógtha in adhmanas: níl sé curtha in iúil dom go bhfuiltear sásta liom. Is mór go léir an dúil atá glactha in ól aige, ná féadfadh a thréigean: gabhtha chuige féin. Pioc de bhiadh na talmhan níl glactha lé laetheantaibh aice: níor bhlais sí é.

glafarnach: *b.2.* glisiam, gleódh, gliogar. Duine ná tuigfeadh neach seadh í, glafarnach léi féin atá aice: fighreán úrlabhra. An glafarnach a bhí na geárrcaigh a's an sean-éan ag tabhairt bídh dóibh: glórghail scórnaighe ghá gcur féin in iúil. An ghlafarnach do tógadh sa halla ag múchadh óráide an chathaoirligh bhodharfadh sé thu: an gleódh 'san bhéiceach. Is aoibhinn liom glafarnach éan ameasc na dtor maidean shamhraidh: an treithear.

glag: *f.3.* glór bog mar dhéanfadh uisce lé slios báid nó luinge nó istigh i bpoll; an glór do dheineann cearc ghuir: beirithirt. Ubh glogair é seo tá glog glag aige: fuaim bhalbh. Bhíomair ag gluaiseacht go cómhshnámhach fé sheól le leóithne caoin a's budh cheólmhar é glog glag na mara le slios an bháid: bualadh éadtrom, bog. Sciobfad an ceann den gcirc sin mara stadann sí dá glag táim leath as mo mheabhair aice: glágarnach mar bheadh ag rud breóidhte. Ní théigheann aon tsos ar a ghlag bhodharfadh sé lán baile: gleódhchainnt.

glagaire: *f.4.* duine nó aon rud a dheineas glór nó gleódh. Tá tamall ann ó cuireadh suim ionat, a ghlagaire, ná fuil aon chiall id ráidhtibh ach oiread lé Máire Beil, pé hí féin: ceólán. Is deacair bheith foidhneach lé glagaire, chlipfeadh a chuid gleóidh duine: duine gan éifeacht chainnte.

glagán: *f.1.* talamh íseal cois mara a's mórchuid góilínidhe isteach ann.

glágarnach: *b.2.* glór circe. Na cearca ag glágarnaigh ar bhiadh: ag glaodhach. Dá mbeitheá ag glágarnaigh go maidean níl aon tur annso lé tabhairt ort: ag cnáimhseán ós árd. Ní measa cearc ghlágarnaighe 'ná thu: deinir oiread glóir ciapuighthigh léi.

glagarnghail: *b.3.* síor-ghlágarnach; síor-chnáimhseán. Dá mbeitheá ag glagarnghail go gcuireadh Dia fios ort, sin a bhfuil lé fagháil agat: ag gearán.

glaine: *b.4.* (**glaineacht**) soiléireacht: neamhshalachar, gléacht, soiléastacht. A ghlaine a's tá an t-uisce, chídhfeá bonn an áruis: saor ar shalachar. A ghlaine a's thóg sé an pheil den dtalamh .i. í do thógaint gan teangmháil leis an dtalamh. Chuir sé áthas ar an gceanntar a ghlaine a's tháinighis as an gcúis dlighe: saor ó mhilleán. Ní lé n-a ghlaine in ao'chor a scaoileadh saor é ach an léighe a bhí leis: a neamhmheascuightheacht. A Mhaighdean na Glaine: gan truailliughadh. Bíonn gléas ins na sráideannaibh lé n-a nglaine: easbhaidh salachair a's smúite. Chídhfeá faid na feighle lé glaine na spéire: soiléire: í bheith solasmhar gan scamall gan smúit. Glaine m'anama atá ag déanamh mearbhaill dom: neamhpheacamhlacht atá uaim, 'sis cruaidh, diachrach é.

glaise: *b.4.* (**glaiseacht**) ar dhath idir bhuidhe agus ghorm nó meascán díobh, is é is gnáthaighe ar bhilleógaibh furmhór na bplanndaidhe; dath féir nó ógdhuilleabhair; báidhteacht datha sa ceannaghthaibh, soillse súl; liathacht caorach; fuaire. D'aithneófá an t-earrach tá glaise ag teacht sa talamh: an dath nádúrdha ag teacht. Brathaim glaise na báistighe sa spéir: an fhuaire nó an nimh a thuaras í. B'fhuraist aithint an chaora ar a glaise: an dath idir dhubh a's bán. Mheallfadh glaise a súl na céadta: soillse thaithneamhach. Tá glaise ar mo dhrom, ní mór dom cóta mór: fuacht bheith ag goilleamhaint orm. Tá glaise na haimsire ró-chruaidh chun aon ainmhidhe bheith amuigh ist oidhche: a fuaire agus a nimhne. "Pé glaise atá ann", ars an t-áilteóir, tá fuaire ann. Tháinig glaise ann leis an méid tinnis a's breóidhtighe do chur sé dhe: tháinig dath mílítheach neamhfholamhail air.

glaise: *b.4.* sruthán. "Ní fearra dhuit cíos Ghlaise Bhig ort" deirtear lé duine ná cuireann aon tsuim i saoghaltacht, go mbíonn girréis i gcómhnaidhe air .i. cíos trom a bhí ar an mbaile gcéadna; dá bhrigh sin buaidhreamh a's imshníomh d'iarraidh a chur lé chéile don dtighearna.

glam: *b.3.* uallfairt, béic, scread, glór gearánach. Cuir glam asat go mbainir preab as, (go gcloisfidh thu, go scannruighir é, etc.): béic: glaodh obann, árd. Budh dhiail an ghlam a leig an Sasanach, go ndubhairt go dtroidfidís féin leathlámhach a's go gclaoidhfidís an deamhan a bhí ar tí na críostaidheachta agus saoitheamhlachta: an bhéic mhaoidhimh a's bhagartha. Bán, geal do bhí an bhanaltra ges na leanbhaidhibh, gach nduine aca a's a ghlam féin aige: a bhéiceach nó a ghearán. Chuir an madra bocht glam as nuair buaileadh é: uallfairt: béic le tinneas. Glam ag gaoith a's farraige a dhéanfadh bodhrán díot: búirth: géim. Leig sé glam orm nuair chonnaic sé an méid dearmhad a bhí déanta agam: béic fheargach. "Mo cheól do ghlam!" deirtear lé duine go mbíonn glaodh árd aige nó a ghabhas amhrán go maith.

glámh: (**gláimh**) *b.2.* gearán, monabar. Ar tú bheith dhá chur ó bhais go bais gheóbhfá glámh éigin i gcómhnaidhe: cúis éigin ghearáin. Mar a chéile aige é, níl aon atharrughadh dulta air, an ghlámh chéadna i gcómhnaidhe: an sean-ghearán smirleach gan chúis gan adhbhar.

glamaim: *b. n-a.* béicim, screadaim, gearánaim ós árd, búirthim. Ar bhualadh na faille don uain dhiamhair úd do ghlam sí gur dhóigh leat gur chómhchlos ar fuaid na conntae í:

do bhéic sí go fiadhain. Glam, a pheata, gach aon uair do teangmhálfar leat: scread amach ag ligeant ort go bhfuilir goirtighthe. Thiocfainn i nganfhiosaidheacht ar an dtigh mara mbeadh gur ghlam an madra a's gur dhúisigh na daoine: leig sé uallfairt árd as. Ní hamhlaidh do labhrann sé glamann sé: ós árd do chuireann sé a chuid cainnte dhe.

glamaire: *f.4.* béicire, bladhgaire, béiceachán, clamparach. Éist! a ghlamaire, ní dheaghaidh stad ar do theangain ó éirighis indiugh: duine a bhíos ag cainnt ós árd ar gach aon am a's ar gach aon rud. Labhair ós íseal má bhír id ghlamaire cloisfidh gach aonne thu: duine ag cainnt i bhfad ró-árd. Dar lé duine ar an Sasanach ná raibh i Hitlear ach glamaire, ná raibh aon déanamh gnímh ann: geócaire: scaothaire. Glamaire amadáin ná féadann a bhéal d'éisteacht ach a bhéal ar leathadh aige lé gach scéal: duine béalscaoilteach. Deineann glamaire dhe nuair bhíonn sé ar meisce, ní fhéadfá an dara focal do thabhairt do: duine clamparach imreasánach. Ars an seanduine leis an gcraolachán "cad tá ar siubhal ag an nglamaire seo?": an rud so a ghníos an gleódh go léir.

glamaireacht: *b.3.* béiceach, bladhgaireacht, clamparacht, scaothaireacht. Chaithfeá do mhéireannta do chur id chluasaibh leis an nglamaireacht a bhí ag lucht geall do chur: an gleódh a's an bhéiceach thar meón. Ná bí ag glamaireacht orm i dtaobh mo ghnótha, táim bodhar agat: ag screadaigh do chur eagla amach. Glamaireacht aige ar an méid airgid a bhí sa bhannc aige: gaoth mhór. Dá mbeinn ag glamaireacht air go mbrisfeadh m'anál ní chloisfeadh sé me: ag glaodhach ós árd. Téighir ag glamaireacht anois gur leigis do chao uait, gur buadhadh ort, go ndeárnais dearmhad, etc.: bí ag déanamh leathscéil duit féin anois nó ag gearán. Tá glamaireacht ag muinntir na Frainnce ar a riaghaltas i dtaobh an méid mísheól do thárlaidh dóibh: callán gleódh n-a choinne.

glamairt: *b.2.* béic, uallfairt, liugh. Leig sé glamairt ar an ngarsún a bhí ag goid as a ghairdín a bhain mac alla as ghabhal an chnuic: béic mhór neartmhar. Leigeadh glamairt air chun teichte, go raibh an tóir 'san chonntabhairt chuige, ach fairír níor chuala sé aon fhuaim; béic árdghlórach.

glámhán: *f.1.* gearán, monabar. An glámhán bochtanachta ná scuireann de, gur dhóigh leat air gur ag dul a chodladh 'n-a throscadh bhí sé: cnáimhseán. B'fhada roimis an éirghe amach do bhí glámhán drochfhuadair ameasc na ndaoine i gcoinnibh an riaghaltais, bhraithfeá ar a gcainnt go raibh nidhthe ró-dhaor agus an saoghal ag cruadhachtaint ortha: monabar, cnáimhseáil a's míoshuaimhneas.

glamghail: *b.3.* scréachghail, screadghail, uallfartach. Ní haon am glamghala ar a chéile anois é ach teacht d'aon bhuidhin a's saothrughadh go ciúin: ag labhairt ós árd in easaontas 'si bhfagháil locht. Nuair briseadh cos an mhadra thug sé an oidhche ag glamghail lé tinneas go gcloisfeá míle ó bhaile é: gol fada, árd, truaighmhéileach. In ionad truagha do bheith aca dhom is amhlaidh do bhí glamghail gháiridhe aca: pléascadh mór. Ag glamghail ar arán le hocras: ag éigheamh go glórach. "Tá a chuid glamghala déanta anois": tá an bás aige.

glan: *a.* saor ar shalachar, smúit ná aon rud deóranta; béasa maithe de ghnáth, gan bheith salach ná tugtha do rudaidhibh do shailiughadh; glanta le geairrid, nighte, úr, neamhtheimhealuighthe, gan bheith in áis; gan bheith breacuighthe nó scríobhtha air; córach, déanta, seólta, líomhtha; eolgaiseach, niamhair, cliste; ionraic, geal, bán, léir; saor ó fhiachaibh, etc.; go díreach, iomlán. Marbhuigheadh go glan é: ar an nóimint: ar an bhfód. D'imthigh sé glan díreach abhaile mar tháinig sé: gan mhoill ar an aiste gcéadna. Níl sé glan amuigh fós agat: amuigh ar fad. Chuaidh an pheil isteach glan 'on bháire: lom, díreach gan aon amhras. Tá a ainm agat go glan: i gceart. Buadhadh glan orm, níl a thuilleadh seasaimh ionam: go soiléir. Ní labhrann sé ró-ghlan tá tutbhalbhacht ann: róshoiléir. Bhíos suimeanta glan gur fadó riamh bhís tréis bháis: deimhnightheach amach a's amach. Dein gnóth glan anois de ó chuiris chuige in ao'chor: críochnuigh é. Ní dhearbhóchainn go raibh sé 'n-a lá ghlan nuair dhúisigheas: ar fad. Ar mh'anam ná fuilim glan leis na dathachaibh fós, go mbraithim foth-dhaigh anois agus airís: iad scartha. Táimid glan lé chéile anois, tá ár bhfiacha cúitighthe againn lé chéile. Nílimíd glan ón gcarraig fós: nílimíd ó n-a conntabhairt. Síneadh glan ar an dtalamh me: go cruinn. Chuaidh an t-urchar glan de dhruim an tighe, nár mhór an t-ádh bhí leó so a bhí istigh: gan dul in aon ghaobhar do theangmháil leis. "An tú a thóg an leabhar a fhágas annsan?" – "táim glan air": ní me: níor bhaineas leis. Ná bí ag cur a mhilleáin ortha, táid chómh glan air a's tá Dia: aon chruisteach air níor dheineadar. Céad míle glan as so go Corcaigh: breis agus. Hata nuadh glan amach ar an ndeil: nuadh ar fad. Cuireadh éadach glan ort féin: saor ó shalachar. Caith beatha ghlan: gan máchail ná smál iomchair. Níl béal na speile glan: tá sé garbh: níl sé mín go leór chun gearrtha. Tá loingeas ag trollaireacht siar fén mbágh ní foláir nó is talamh glan atá ann: gan carraigeachaibh nó eangaigh eile. Dá mbeadh an iomaire seo glan agam: an salachar 'san fiadhaile tógtha as. Scian ghéar a ghníos gearradh glan mín: gan stracadh do bheith 'n-a rian. Is me atá cionntach, tá sé chómh maith agam faoisdine ghlan do dhéanamh: a admháilt ó chroidhe. Cuir léine ghlan ort: gan teimheal. Iompuigh agus scrígh ar leathanach ghlan: ceann gan scríobhnóireacht déanfair fear cumasach leis an aimsir ar na géagaibh glana atá fút: córach, déanta. Fuaireas buille glan ar ghob an ghéill a chuir a chodladh me: buille lé heólas: cliste. Faid bhead glan cuirfead díom: gan aon díoghbháil do bheith orm. Ní fhéadfadh sé bheith glan ó airgead ar a raibh aige dhe: é go léir do bheith bailighthe uaidh. Buachaill glan as a mheabhair chun cluichidhe é: ar fad, ar fad. Chuireas glan as an gcluiche iad: chuireas iad sa tslighe a's nár bh'fhéidir leó buadhachtaint. Chuireas glan thar céad púnt 'on bhannc: breis agus an méid sin go maith.

glan-: *i gc.fh.* léir, iomlán, cruinn. Is ag an bhFrainnc bhoicht atá an ghlan-thiomáint dá fhagháil ón namhaid gan sos lae ná oidhche: tiomáint iomlán. Is glan-amharcach na gloinnidhe iad san, chómhaireóchainn gach caora ar an oileán san amuigh sa bhfarraige: solasmhar: glé. Seadh, tá glan-bhearradh fachta aige má fuair ceann riamh é, ní mór ná go bhfuil sé maol: bearradh dian, íochtarach. Ná dein ach féachaint ar a ghlan-bhuillidhibh a's d'aithneófa gur rámhaidhe ceart é: buillidhe líomhtha. Ná bíodh aon eagla ort go gcasfar fiacha t'athar leat, d'fhág sé glan-chunntas 'n-a dhiaidh i ngach áit go ndeárna trácht: gan bheith i bhfiach. Cailín breágh glan-cheannaghthach: cneas léir, solasmhar ar a haghaidh. Gheóbhair, a uanaigh, gach nidh uaim lé glan-dúthracht: ó chroidhe amach: gan doicheall ná dochaiseacht. Ní feacthas riamh é ach go glan-ghabhtha fé n-a chuid éadaigh shlachtmhar: gléasta go taithneamhach gan teimheal ná smál. Ó! beir fada air,

nílimíd glan-ghléasta fós: tiargabhálta ar fad, ar fad. Má fuair iarann riamh glan-ghoradh tá sé fachta ge seo: goradh ó thalamh, gan teine do choigilt air. An té a raghadh liom-sa lé glan-inntin ag ól budh shoilbhir liom a chómhluadar: fonn ceart: gan siar ná aniar air. Caithfir labhairt amach leis, níl glan-éisteacht aige: ní bheireann leis go cruinn an rud a deirtear leis. Níor bh'é a neart ar fad a dhein do é, mar bhí an iomad 'n-a choinnibh, ach a ghlan-éifeacht chun éasc a namhad do thabhairt fé ndeara agus connus í do ghonadh ann: cruinn-tuigsint: léireacht a mheabhair chinn. Cuir díot go glan-luaimneach anois ar eagla go mbeadh sé déidheannach agat: go lán-tapaidh. Glan-leighisfeadh an ola so do chneadh: ní fhágfadh rian créachta na tinnis uirthe. Fuaireas glan-innsint ar an gcúrsa go dtuigfeadh aonne é: innsint chruinn iomlán. Chuir sé gach claidhe a's eangach 'n-a bhealach de gach glan-léim: léim gan locht. Rinne sé dhá ghlan-loma-leath de chnámh a dhroma: gur scaradh an cnámh ó chéile go mín, sleamhain. Corruigh é, béic air, níl sé glan-mhúscailte fós: níl sé 'n-a dhúiseacht go hiomlán. Nílir chómh glan-ladharach i gcúrsa na gadaidheachta so a's leigir ort: saor ó bheith i dtreis. Fuaireas leitir uaidh ghá rádh go bhfaghainn mo mhian lé glan-mhéin: lé n-a thoil iomlán. Ná bíodh aon cheist ort i dtaobh a ndeárnais orm, tá glan-mhaithte agam duit: ní bheidh aon chur i ndiaidh aonnidh agam ort. Go dtugaidh Dia glan-mhaitheamhnas 'n-ár gcorthaibh dúinn: logha iomlán: bogadh iomlán: gan bheith ag leanamhaint a n-agartha orainn. Cé gur thóg sé i bhfad uaim tá glan-bhrigh anois agam leis gach nidh: ciall shoiléir. Tá glan-chead agat chun do rogha rud do dhéanamh annso: cómhacht iomlán chun déanta mar is toil leat. Ní raibh sé ach fachta glan-nuadh díreach agam: gan aon áis do bheith bainte as. Lé fuinnidh gréine bhí néalta in iarthar go glan-órdha: go glé ar dhath an óir. Beidh gach rud i nglan-órdughadh i gcóir an chinn airm, éididhe a's airm go gléasta gan chan gan smúit: ar an réir is inmhianta leis. Ní beifear san éileamh choidhche airís air, tá glan-phárdún fachta aige: an uile rud maithte dho. Deighsheasaimh, glan-phearsanta, budh bhreágh leat féachaint air: córach, taithneamhach lé hamharc. Gach aon ghlan-phoc-léim aige lé teasbach ar fuaid an ghuirt: léimeacha móra, lúthmhara. Ar éirghe ar maidin dom sa tigh dheóranta úd fuaireas go raibh mo phócaidhe glan-phriocuighthe ag barránach éigin, luid ní raibh ionta: scriosta, sladuighthe. Nách maith glan-phriocuighthe choimeádann sé é féin: bearrtha, néata, gan salachar ar chorp ná ar éadach. Bheifeá, ní headh ach mhairfeá, ag éisteacht lé n-a ghlan-ráidhtibh: cainnt bhríoghmhar, líomhtha. Dá mbeadh, ach níl ag an gceódh, glan-radharc agat ar na hoileánaibh dob aoibhinn leat a suidheamh: radharc iomlán gan cosc. Saoghaluigheadh me sa bhliadhain go raibh Peairneil 'n-a ghlan-réim: in aoirde a láin. Sa taobh thuaidh den bhFrainnc tugadh glan-ruathar ar Arm Tosca Shasana gur bh'éigean dóibh teicheadh abhaile: scuabadh gan fuighleach. Thug sé glan-scuabadh tríd an mbaile gan faic d'fhágaint 'n-a sheasamh gan leagadh: scrios cruinn, iomlán. Go mbeidh ár nglan-shaoirse againn ní bheam sásta: go mbeidh Éire uile fé n-ár riar. Táimíd dall ar connus tá an cath dhá chur mar ná fuil glan-tuairiscidhe ag teacht ar cad tá ag tuiteam amach: nílid beacht ná fírinneach. Ná bíodh eagla ort go bhfuil ré glan-ughdar na Gaedhilge thart, scríobhfar deaghghaedhealaing fós: ughdair líomhtha. Tuairm mhórán mara dtugann an Fhrainnc glan-umhla a hairm a's a cabhlaighe don nGearmáin go leanfaidh sise ar an gcoimheascar go mbeidh an Fhrainnc tnachta aice: géilleadh iomlán. Níl an t-ainmhidhe bulláin sin glan-choillte: níor baineadh a bhrigh dártha ar fad de.

glanachar: *f.1.* ar aiste bheith glé, glinn, léir, gan smúit, gan chan, gan teimheal, gan smál. "Cuid den ghlóire an glanachar": is breágh subháilceach, taithneamhach an rud gan

salachar ná béasa salacha do bheith ag an nduine. Mo mhairg, is annsúd atá an glanachar chídhfeá tú féin sa ghléas atá i ngach rud a fuaid an tighe aice. Tá glanachar ar an lá: éadtromughadh: scamaill, ceódh, nó báisteach imthighthe: scartadh: árdughadh. Cé ná fuil sé n-a cheart fós a's go bhfuil ball annso agus annsúd air, is mór go léir an glanachar atá déanta agat air: breis mhór den dteimheal nó den smúit scriosta, nighte, bainte dhe.

glanadh: *f.* (*-nta*) salachar do bhaint; smúit, teimheal, smál do ruagadh; teicheadh; scartadh; léiriughadh; brobhais do chur de: saoradh ó chúis(iughadh). Ná bí d'iarraidh tú féin do ghlanadh ar an mbeart-so, rugadh sa bhfoghail ort: tú féin do dhearbhughadh ionraic. Fiacha air nách féidir leis do ghlanadh mar ná fuil gustal a gcúitimh aige: d'íoc. Lé leathuair an chluig táim d'iarraidh me féin do ghlanadh ón gcómhluadar neamhshubháilceach so: bheith scartha leó. Budh mhaith agus budh phraitineamhail an glanadh a dheinis ón sín: na cosa do bhreith leat. Ní fhéadfá gan oibriughadh go cruaidh a's go dian ar an nglanadh atá tugtha agat ar an ngort féir sin: an méid atá bainte agat de. Níl an gáirdín dhá ghlanadh in am agat: baint an tsalachair a's an fhiadhaile as. Ní gábhadh dhuit ach féachaint ar líomhthacht an bháid (an chapaill) nuair d'aithneófá go bhfuil glanadh innte: siubhal a's fuinneamh. Ag glanadh an chlaidhe dhom leig m'alt preab a's baineadh treascairt ghráineamhail asam: ag léimeadh go seólta thar a dhruim. "Connus tá S.?" – "ag glanadh na gcladhthach": lán de theasbhach. Bí ag glanadh leat anois sara bhfágad cimiar ort: ag cur díot chómh tiugh luath in Éirinn agus tá id chosaibh. Glanadh na bó: árus an ghamhna do chur di. Tá an oidhche ag glanadh chun gaoithe: na scamaill ag scaipeadh. Tá glanadh sa pheann san: is maith í chun mórán scríobhnóireachta do dhéanamh léi. Níl puinn fonn ar an aicíd glanadh dhíot, tá sí chómh ceangailte ionta a's bhí riamh: imtheacht díot go hiomlán. Nuair chonnaic sé me ar tí glanta tharais thairng sé a thrucaill treasna an bhóthair rómham: gabháil tharais amach: géarughadh air. Is oth liom a rádh ar son na Frainnce go bhfuil an Almáin ag glanadh tríthe: ag gabháil tríthe gan puinn cosctha. Ná corruigh an t-uisce, leig do glanadh: an salachar do thuiteam ar tóin. Is me fuair an glanadh ag imirt chártaidhe leis an ndíolamhnach calaoiseach: scriosadh gan pingin d'fhágaint im sheilbh.

glanaim: *b.a. 7 n-a.* aistrighim salachar; scartaim (aimsir, láthair tighe etc.), scriosaim; gabhaim ó, (thar); saoraim ó; géaruighim ar; cuirim díom. Glanfad mo ghort coirce tá sé lán de phairsigh bhuidhe: bainfead as a préamhachaibh an fiadhaile seo. An brat féasóige sin ort glan díot lé rásúir: scrios é: bain anuas é. Níl aon deallramh air go nglanfaidh an lá, ar an méid scamall fliuch atá sa spéir a's an ceódh dorcha atá ar na sléibhtibh: go scartfaidh sé: go n-imtheóchaidh an bhróin atá os chionn na talmhan. An raingléis cloch a's fiadhaile sin glantar í i gcóir láthair an tighe: tógtar as an slighe í. Glantar an portach i gcóir móna do bhaint: baintear an chuid uachtair, an ruide a's uile de síos go dtín áit gur féidir fód do cheapadh as. Capall go raibh ceól a's lúth ann do ghlan an léim árd san gan barr crúibe do bhualadh uirthe: a chuaidh thairse. "Acht dá siubhalam sa tsolas amhail atá seisean sa tsolas atá cumann againn lé chéile agus glanann fuil Íosa Críost, a mhic sin, sinn uile ó pheaca" (1. Eoin I. 7): baineann an uile smál de bhriseadh dlighe Dé dhinn. "Cé thuigfeas a sheachrán ó pheacaidhibh foluightheacha glan-sa me" (Sailm XIX. 13: scrios asam gach smál a ghaibheas leó. "...do ghlac Maois an fhuil agus do chuir ar bheannaibh na haltóra lé n-a mhéir í agus do ghlan an altór etc." (Leibh VIII. 15): do rinne réidh dréir gnása i gcóir ceileabhartha í. Duine a bhí go trom in iaraga fiach é, d'íoc

sé a raibh air agus mar sin do ghlan sé é féin as leabharthaibh a lucht iasachta: níor fhág sé aon dualgas díolta air féin. Tháinig iomard éigin ar inneall an eitealáin os chionn an bhaile a's ní raibh ach a rádh gur ghlan sí drom na dtighthe sar ar phléasc sí chun talmhan: gur chuir sí dhi iad go caol gan bualadh ortha. Rug an bhó indé, ach níor ghlan sí fós: níor chuir sí cúram áruis an ghamhna dhi. Is eagal liom ná glanfaidh sé choidhche é féin ar an gcúis atá curtha n-a leith, tá trom-fhínéacht n-a choinnibh: nách féidir leis a dheimhniughadh ná go bhfuil cionntach. Galar siléigeach, ceangaltach atá ort ach lé haire cheart a's cóir mhaith glanfaidh sé uait: imtheóchaidh i ndiaidh a chéile. Glan ón mbuin sa chródh: pé salachar atá ann aistrigh é. Dá thúisce ghlanair as an gceanntar so mar tá míothaithneamh na ndaoine ort seadh is fearra dhuit: imthighir go mear a's gan filleadh. Ghlanfadh aonne maidir liom-sa as a fhiadhnaise a chídhfeadh an chuma choimhtheach a bhí air: d'imtheóchadh gan ró-mhoill. Ghlan na hiascairdhe na líonta chun cuir eile do thabhairt: bhaineadar an t-iasc asta. Chómh luath agus bhí a chúram réidh sa bhaile mhór aige ghlan sé (leis) chun bóthair: ní dheárna a thuilleadh moille ach imtheacht. Glan! adeirim leat, faid a's bheir glan: imthigh go pras sara n-éirighidh máchail duit. Ná bí ag trácht ar shiubhal, ghlan sé tharm amach mar dhéanfadh sidhe gaoithe: ghaibh sé go lúthmhar, mear. Glanaimís asainn an dream san, ní tuar suaimhnis ná cuideachtan d'aonne iad: cuirimís a gcuram dínn. Glanann an sagart áirneacha na haltora tréis an aifrinn: cimileann sé an chailís agus aroile dréir gnása gan rian dá mbí ortha d'fhágaint. Tugadh deoch urchóideach do a ghlan amach é: nár fhág aon rud 'n-a ghoile. Ar an uain gcéadna díreach do ghlan an long an ceann andeas: nocht sí: ghaibh sí tharais. Glanfar an mí seo chughainn go maith sara bhfaightear feabhas aimsire: fágfar 'n-ár ndiaidh é. Chaith sé seal mór ag cainnt liom ar a bhrón gur ghlan sé a chroidhe liom: gur aithris sé a raibh ag déanamh buadhartha dho. B'fhada bhíos ag bruic leis, é dom chrádh a's dom chéasadh gur chuireas goic orm féin chuige a's gur ghlanas leis: do scaras leis: ruaigeas uaim é.

glanamhail: *a.* glantach: a bheith de bhuaidh ag ... glanadh do dhéanamh. Is glanamhail an nidh gallúnach a's uisce te: aon rud a gheóbhadh a ionnramháil ionta scarfadh an salachar leis.

glanas: *f.1.* bheith saor ó shalachar, smúit etc., gealas, snastacht. Is é an tigh gan glanas é, salachar ar áruistidhibh a's ar éadach, smúit ar fhallaidhibh a's ar throscán: gan faic ann saor ó theimheal. Riamh ní raibh glanas ná ionracas aigne ag baint leis: neamh-urchóid: aigne saor ó chionntaibh nó smaointibh neamhchearta. An chéad rud a thabharfá fé ndeara glanas na n-áruistidhe búird: iad do bheith glé geal gan smúit ar bith.

glan-eagla: *f.4.* eagla mór, scannradh. Is beag tír ar fuaid na hEóraipe ná go bhfuil glan-eagla ag teacht ortha go scaipfidh an cogadh so 'n-a measc: eagla deimhnightheach: níl aon amhras 'n-a n-aigne 'n-a thaobh.

glan-rún: *f.1.* deaghaigne, deaghthoil. Im chroidhe istigh creid me gur mian liom tu do bheith ar fheabhas ar gach bealach, níl agam duit ach an glan-rún: aigne a's inntin do mhaitheasa.

glan-rúnach: *a.* deaghaigeanta, deaghchlaonta, deaghthoileamhail, oscailte. Labharfad go glan-rúnach leat, chómh deimhnightheach a's tá Dia ar neamh: ní fágfad aon rud ar mo chroidhe i nganfhios duit. Deirtear linn ná fuil aon pheaca dá thruime a's dá oilceas ná go maithfear dúinn ach bheith glan-rúnach aithrighe do dhéanamh ann a's gan tuiteam ann airís: an inntin do bheith saor i ndáiríribh ó mhalairt machtnaimh. Is baoghal go gcaithfead aistriughadh as an áit seo, is eagal liom ná fuil na daoine glan-rúnach dom, is annamh a labhartar liom: ná fuil a n-aigne claon liom.

glanta: *a.r.* scriosta ó shalachar, fiacha, éileamh etc., imthighthe. Tabhair póg do chos an ghirrfhiaidh anois, an té a bhí uait tá sé glanta leis: bailighthe leis. Chómh luath agus bheidh an láthair glanta tosnófar ar an dtigh do thógaint: réidhtighthe: gach constaic curtha as an slighe. Is fada ó m'fhiachaibh do bheith glanta me, tá na fichididhe púnt sa mhuineál fós orm: bheith íoctha. Deir an dochtúir gur fada fós ón aicíd do bheith glanta uaidh: go bhfuil rianán di air fós. Chídhim ná fuilir glanta as an áit fós: imthighthe. Caithfead stad d'imirt táim glanta: scriosta. Tá an bhó glanta: árus an ghamhna curtha aice dhi.

glantacht: *b.3.* aiste bheith saor ó shalachar, teimheal etc., snastacht. "Is mór an nidh an ghlantacht mar dubhairt Máire shalach nuair chuimil sí driobal an chait den mhéis": glaine: bheith gan teimheal, smúit; can na carabhall. Mar chailín aimsire mholfainn d'aonne thu léd ghlantacht, ní fhágair rian teimhil ar aon rud ar fuaid an tighe: gach rud go snasta, glan. Lé glantacht na leapan b'aoibhinn leat luighe innte: na héadaighe a's uile bheith gan smól salachair. Taithnigheann glantacht do rámhaidheachta liom: an chuma 'n-a n-oibrighir do mhaididhe gan útamáil san uisce leó. Ar thugais fé ndeara riamh glantacht a chroicinn? ní fhéadfá gan a shuimiughadh: a bheith mín, sleamhain, geal.

glantóir: *f.3.* duine a bhaineas salachar, úirlis nó rud a scriosas salachar nó teimheal: scriosaire. An bitheamhnach báis, an glantóir ná fágann neach 'n-a dhiaidh: scriosaire. Ar an ngléas atá id leicne a's gan ruibe 'n-a diaidh ort is maith an glantóir rasúrach a bhí agat: rásúr go raibh faobhar innte chun clúimh do bhaint. Is dian-mhaith do theastóchadh ón ngort san glantóir do shíneadh a láimhe chuige ná fágfadh rian salachair ann: bainteóir fiadhaile. Mo chulaith atá lán de theimheal cuirfead chun an ghlantóra í a's tabharfaidh sé a chuma féin airís uirthe: duine a bhaineas baill shalachair amach. Ar mo shiubhaltaibh níor bhuail aon ghlantóir bídh liom mar é, an brúscar féin ní fhágfadh 'n-a dhiaidh: tomhaltóir: duine mór-ithte: gléas chun salachair do ruagadh as bhrataibh úrláir etc.

glantóireacht: *b.3.* gníomh glanta, aistrighthe salachair etc. Tá glantóireacht an earraigh ar siubhal againn: troscán, rothaidhe, etc., an tighe a's fallaidhe a's úrláir an tighe féin ghá chur ó shalachar a's ó smúit. An gáirdín a bhí ithte, múchta ge fiadhaile tá glantóireacht déanta air, anois fásfaidh gach nidh níos fearr, a's tá cuma thaithneamhach air: an salachar bainte, aistrighthe as. Screathain dob eadh an áit sin ar dtúis, ach deineadh an oiread san glantóireachta air go bhfuil n-a thalamh mín anois: baineadh an fás fiadhain do bhí ann a's réidhtigheadh é.

glaodh: *f.1.* (*-te*) béic, géim, liugh, éigheamh, scairt, gáir. Nách meirbh ataoi ionat féin indiugh, níl oiread a's glaodh ionat: níl glór asat. Leig glaodh air go gcloisidh sé thu, ní

heól do go dteastuigheann sé uait: béic air: dein glór árd gotha air. Dhein sé glaodh go raibh sé dhá bháthadh go dtiocfí chun a shaortha a's cualthas ón dtalamh é: scairt sé ós árd. Teip ar bith ní bheidh orm-sa bheith libh, níl uaim ach an glaodh: gairm orm: a rádh liom teacht ar thoisc áirighthe. Is luath 'n-a shaoghal do fuair sé an glaodh, ní raibh sé an dathad: d'árduigh an bás leis é. San oidhche cuireann an cúirliún glaodh uaigneach as gur dhóigh leat gur ghuais a bheadh air: liugh, glór mar fead chaol. Cad tá ag baint díot, níl fead ná glaodh ó mhaidean asat?: níor chorruighis do bhéal chun faic do rádh. Muna ndéineann duine éigin glaodh do dhéanamh air codlóchaidh sé go headarshuth: é do mhúscailt as a shuan. Mochóirighe éachtach é bíonn sé 'n-a shuidhe ar ghlaodh an choiligh: glór, árd, géar. An bhfuil aon fhonn codlata oraibh, nó an amhlaidh atá fúibh fanacht annso go glaodh an choiligh: siar amach san oidhche. Ar an nglaodh lag atá aige is baoghalach ná téarnóchaidh sé an oidhche: cainnt, glór. Is maith, árd an glaodh atá anois agat nuair ná fuil eagla do chomórtais ort: tá go leór gleóidh agat nuair ná fuil aonne istigh leat a chuirfeadh id thost tu. Aithnigheann gach gearrcach glaodh a mháthar: éigheamh. Níl amhrán 'n-a ghlaodh ná n-a ghuth agam: ar chuma ar bith: ceal na bhfocal. Ar bórd luinge a's sinn fé léith na mbád fé thuinn ní bhíodh againn ach sraic (codlata) idir dhá ghlaodh: seal beag codlata. Glaodh árd: neart gotha i mbéic.

glaodhach: *f.1.* (*-te*) (do) ghair, d'éigheamh, (do) liughadh, (do) scartadh, (do) bhéiceadh; iarratas (rochtairidhe), cuaird, éileamh iasachtaidhthe; sraith deoch d'iarraidh; gairm ar thoisc nó gnóth áirighthe; éirim dhiadha; cuireadh. Níor chuibhe liom dul ar bhainis gan glaodhach: cuireadh. Díreach a's an máighistir ag glaodhach na n-ainmneacha seadh thánag ar scoil: ag léigheamh na cléithe a bhí ar an rolla. Tháinig glaodhach ola ar an sagart i meádhon oidhche: cuireadh fios obann air teacht chun duine d'ullumhughadh i gcóir na síoraidheachta. D'eitigheas é ó b'éigean dom san mar ná raibh ar mo chumas airgead do thabhairt do ó ráinig an iomad glaodhach orm féin: éileamh fiach, nó dualgaisidhe go raibh orm a gcúram do chur díom. An té go mbíonn an glaodhach 'n-a chroidhe is maith an t-adhbhar sagairt é: éirim ó neamh: deimhnightheacht aigne a bheith oireamhnach do ghairm áirighthe. Táthar ag glaodhach chun bídh orainn: ag tabhairt faisnéise dhúinn i nguth, lé cómhartha nó lé cloigín go bhfuil an biadh réidh 'n-ár gcóir. Níor bh'aon sprionnlóir dighe é, ag ól 'sag glaodhach do chaith sé a shaoghal: ag síor-órdughadh tuilleadh a's tuilleadh dighe. D'éirigh an siopadóir as bheith ag díol snaoise mar ná raibh aon ghlaodhach uirthe: ní loirgtí le ceannach í. Cé ná raibh luach ró-mhór ar stoc bhí glaodhach maith ar gach saghas ainmhidhe: éileamh ceannighthe. Caithfeam go léir gluaiseacht nuair thagann an glaodhach: an bás. Glaodhach deimhin féin sin is mór an iongadh dho bheith go maith as a's gan aonne ag glaodhach air ach é féin: ag éileamh cóngamh cothighthe air nó ag éileamh cabhartha eile. Níor dhein an post aon ghlaodhach ar an mbaile indiugh: turus: cuaird. Tugtar an glaodhach catha dúinn agus chídhfear ná meathfam: fógradh. Níor mhaith liom bheith im chomhnaidhe isteach sa dúthaigh, mar tá glaodhach na mara im fhéitheannaibh, óir is 'n-a haice do saoghaluigheadh me: sughadh, claonadh aigne le. In am a's go mbí na glaoidhte go léir déanta agam ar mo dhaoinibh muinnteardha ar an mbaile seo bead tnachta: cuairdeanna. Aon lá thiocfainn ar ghlaodhach: gan tafant. Cuireadh fíneáil throm air i dtaobh bheith ag glaodhach ainmneach ar dhaoibh: ag tabhairt bitheamhnach, rógairidhe, cladhairidhe go mícheart. An bhfuil aon áit ghlaoidhte ar an mbóthar againn idir seo a's ár dtriall: áit stadta lé cúram. Caladh-phort glaoidhte

Cóbh do longaibh thar lear: áit go stadaid seal. Ag glaodhach ar Dhia a's ar Mhuire, a Mháthair: ag impidhe ortha. Saighdiúir fé ghlaodhach seadh é: níl sa ghnáth-arm ach lé linn géibhinn is éigean do teacht isteach. Tugann na héanlaithe mara an oidhche ag glaodhach go huaigneach: ag éigheamh: ag déanaimh a nglóir nádurdha. Caithfead dul isteach 'on tigh seo tá glaodhach ar ghlaodhach orm ann: cuaird i ndíol cuairde.

glaodhaim: *b.a.* 7 *n-a.* tugaim ainm ar; éighim; béicim; gairmim; géimim; liúghaim; scartaim; gáirim. Tá an ghráin agam ort, ná glaoidh orm fiú amháin: ná déin oiread a's m'ainm do rádh liom. Ghlaoidh Dia air a's budh shuaimhneas do é ar an iomard breóidhteachta a bhí air: chuir Sé fios air: thóg Dia i mbás ó n-a bhuaidhreamh é. Ghlaoidh sé isteach ar shluagh: thug cuireadh chun dighe. Glaoidh amach air, tá sé bodhar, nó ní chloisfidh thu: árduigh do ghuth go gcloisidh sé. Ar thuiteam i bhfarraige dhom ghlaodhas ar Dhia: screadas ar Dhia me do shaoradh. Má ghlaodhair ainmneacha orm brisfead gach cnámh id chorp: má chuirir drochrudaidhe im leith nó masla do thabhairt. Deirtear lé duine go dtagann an t-ádh 'n-a threó gan choinne "is é do choileach a ghlaoidh". Glaodhaim fear maith ar fhear a gheibheas bás ar son a thíre: tugaim sin air: sé mo thuairm é. Ná glaodhaimís chun an tighe sin, ní maith leó me ann: ná tugaimís cuaird air. Aon am a ghlaodhfair beidh na trucaillidhe fáilte rómhat: a bhuailir chugham. Glaoidh leis an mbreac so chun Seáin ar an slighe dhuit: dein teachtaireacht a thabhartha dho. Cad glaodhtar (mar ainm) ort-sa, a bhuachaill?: cad tugtar ort? Ní ghlaodhfadh neach ón sín orm: ní hiarrfí orm teacht isteach uaithe. Glaodhadh anuas an staighre orm: iarradh orm nó dubharthas liom teacht. "Is annamh an té a ghlaodhas ar an mbás": is beag duine ná bíonn dochma a chroidhe aige roimis. Cad dhéanfair léd chártaidhe, ná glaodhfá?: cad fáth ná háireófá an méid cúigeanna is dóigh leat atáir i ndán do ghnóthughadh. Uaigneas orm bheith ón mbaile, glaodhann mo chroidhe orm filleadh air: bíonn mo smaointe claon lé filleadh.

glaoidhte: *a.r.* órdughadh, fógra nó gairm fachta aige. Nuair gheibheann duine bás go hóg nó go hobann deirtear, "bhí sé glaoidhte": bhí a lá istigh: b'é fód a bháis nó tréimhse a bheatha é. Tá glaoidhte ar fhearaibh na dúthaighe chun cosanta na tíre: tá gairm scoile curtha amach chúcha. Tá glaoidhte i gcoláiste air: tá gortha air teacht ann chun gabhála le léigheann. Tá glaoidhte mar fhíné orm: órdughadh ó lucht na dlighe bheith láithreach cúise áirighthe. A luaithe a's bheidh na hainmneacha glaoidhte agam labhradh aonne gur maith leis é: ráidhte agam.

glas: *f.1.* aon rud a ghreamuigheas nó a dhaingnigheas – go háirighthe gléas go mbíonn bolta nó dhó air do castar lé heochair chun dóirse, cófraidhe etc. do dhaingniughadh; cuing; greim; cosc; ceangal; cuibhreach. "Is fearr súil le glas ná súil lé huaigh": an té atá i gcarcar bíonn cao aige ar fhuascailt tráth éigin ach an té atá adhlactha ní bhíonn: an fhaid agus bhíos duine beó bíodh dóchas againn. "Is fearr glas ná amhras": is fearr rud do chur fé dhaingniughadh agus deimhin do dhéanamh de 'ná bheith fé chlipeadh go bhfuadófí é. Cuir glas ar do theangain nó déanfaidh sí do dhíoghbháil: cuir cosc uirthe ó bheith ag cur rudaidhe bunoscionna aiste. Mara mbeadh an glas do bheith ar mo bhéal-sa is iomdha rud d'fhéadfainn a rádh ná beadh ró-thaithneamhach ar fad: cosc nó cuing in aghaidh ráidhte rún. Chaith sé deich mbliadhna fé ghlas(aibh): i gcarcar. Bíodh gach nidh fé ghlas agat sara bhfágair an tigh ar eagla bitheamhnach: fé ghreim daingean. "Is é an glas tréis na

foghla é": ag déanamh seift daingne nuair bhíonn an díoghbháil déanta nó an rud fuaduighthe. Bíodh boltaidhe a's glais chip ar do dóirsibh: glais ionaistrighthe go mbíonn lúb ortha a théidheas trí stápal san ursain. Cuir an glas air: daingnigh é lé heochair an ghléis áirighthe seo, ach 'cuir glas air' .i. cuir an gléas féin ar dhoras ná fuil sé. Bain an glas den gcófra: fuascail an bolta (samh) lé casadh na heochrach. Is cian i nglasaibh bróin Éire: i mbrón chomhnaidhteach gan faoiseamh. Tá na madraidhe i nglas: táid ceangailte i gcumaisc. Chuir iomrascálaidhe aca glas géige ar mhuineál an duine eile: chuir sé a ghéag go dlúth, docht tímcheall a mhuiníl ná féadfadh seisean é féin d'fhuascailt. "Ní glas go huaigh": teacht aiste ní féidir. Cloch fhada dom a raghaidh ó taobh den bhfalla a chuirfeas glas air: a chuibhreóchaidh a's a ghreamóchaidh an tsaoirseacht go daingean. Tá sé tráth an ghlais (i dtigh tábhairne) caithfeam bogadh: aimsir dhleaghthach díoltacháin caithte. Dar ndóigh seanthaithigeadóir (taitheadóir) dob eadh é, a's glas chómh hachrannach leis do ruibhe: d'oscailt gan eochair. Cuir do mhéireannta i nglas a chéile: cuir isteach idir a chéile iad. Cuirfead mé féin fé ghlas ambáireach ós na daoinibh, táim clipighthe aca ag turasadóireacht orm: ní leómhfad duine me do chainntiughadh. Is bóiléagarach na daoine sibh d'fhágann bhur dtigh gan glas gan eochair: gan aon daingniughadh in aghaidh foghlaidhthe. B'fhearr liom an glas orm ná bheith ag foidhneamh a thuilleadh leat: me do chur i gcarcar mar gheall ort.

glas: *a.* ar dhath idir bhuidhe agus ghorm, dath an fhéir óig, liath (capall, caora, idir dhubh is bhán, cloch), báidhteach bán, neamheólgaiseach; barr-fhuar: do-bhriste, achmhaoineach. Buidéal glas .i. go mbeadh doircheacht sa ghloinne. Capall (caora, cloch) glas .i. idir bhán a's dhubh. Bhainfeadh a chrot lé n-a aindeise deóir ón gcloich ghlais .i. cloch a bheadh cruaidhte lé haois mar gheóbhfí sa tsáile ag béal átha: cloch achmhaoineach go mbíonn fulang ar thuargaint a's bhualadh aice. "D'ithis-se do dhóthain ach go háirighthe má ith aonne riamh" – "nílir-se glas air ach an oiread" .i. do chion agat de chómh maith lé duine. Ag fágaint an tighe tábhairne dho ní raibh sé glas in ao'chor (ar dhigh): do bhí an oiread ólta aige a's go dtabharfí fé ndeara. "Tabhair fiche púnt ar iasacht do, níl baoghal ná go bhfillfidh sé ort é" – "nách glas atáim agat; cá bhfuil m'urradhas ná a gheall?" .i. nách saonta do mheasfá dhom do bheith: nách furaiste, dar leat, an bob do bhualadh orm nó méar do chur fém shúil. Nuair chuadhas 'on Oileán Úr ar dtúis, dar leis gach aonne go rabhas an-ghlas .i. gan taithighe agam ar nósaibh a's shlightibh na tíre a's gur b'fhuraiste me do dhalladh a's me do thuiteam i mbotún. Aonne a bheadh ag gabháil den ngnóth céadna ar feadh deich mbliadhan budh chóir ná beadh sé glas air: dall: neamheólgaiseach. "Nách glas atá an lá indiugh" – "tá sé fuar pé dath atá air". Iasc glas: iasc do tógtar as an bpicil sara mbuidheóchadh sé. Trodaire na nglas-lann: lanna cruaidhe gur dheacair a smiotadh. Gé ghlas: gé óg fé bhun cheithre mhí. Tháinig breóidhteacht fharraige chómh trom san air gur iompuigh dath glas (liath-ghlas) air ó bheith ag úirleacan: cuma shúighte, sheirgthe, mhílítheach. "Cloisim gur ar éigean b'fhéidir leó, d'aindeóin a raibh aca, gach éileamh do shásamh" – "is glas é": sin a raibh ann má dheárnadar. Ubhla glasa: neamhaibidh.

glas: *f.1.* ₇ *b.2.* ainmhidhe nó rud glas. Tiomáin isteach 'on tuar an ghlas: an bhó ar an ndath san. Ná bíodh an iomad den nglas sa tsnáithín agat: snáithínidhe glasa measctha lé snáithínidhibh de dhathaibh eile. Nách fada isteach sa mbliadhain, is dócha gur lé n-a breághthacht é, atá an glan ann: scéimh na talmhan do bheith ar an ndath san. An Ghlas-

Ghaimhneach, bó áirighthe i ndéscéalaidheacht. Ní raibh aon teóra lé n-a tál bainne. Áthrach ar áthrach líontí as a húth. Ón bhfarraige (deirtear annso) do thagadh sí, ag itheadh ar an bhféar budh shaidhbhre sa cheanntar (baile an Fhiadhanaigh annso mar a gcodladh sí idir dhá stacán mhóra chloch. I rith na feadha san tagtí a's crúidhtí í. Tháinig cailín a's criathar aice gur thosnuigh ghá crudhadh gur dhísc bainne na Glas-Ghaimhnighe. As san amach ní feacthas ar talamh í). Deirtear lé loilighigh mhaith – tá sí chómh maith leis an nglas-ghaimhnigh .i. tugann sí crúidhtheach mór bainne. Is glas mealltach í do shúil, a mhaighdean: solasmhar, gléineach.

glas-: *i gc.fh.* liath, neamh-thaithightheach, neamh-iomlán: idir bhuidhe a's gorm: nimhneach. An ghlas-aimsir seo adtuaidh ní maith do bharraidhibh glasa: fuar, geárrthach. Shearg cláracha an bhúird leis an aimsir, mar is as ghlas-adhmad do deineadh é: adhmad ná raibh faghartha nó saosúrdha. Tímcheall na háite bhí glas-amhras ges na daoinibh gur bh'é budh bhun leis an dtóiteán: tuairm aca gur bh'é an cionntach é, ach ná féadfí aon dearbhadh do dhéanamh 'n-a thaobh. Faid bhíos ag dul ar scoil is me ná fuair ach an glas-mhúineadh, a rian orm indiugh is beag í m'fhoghluim: barrghal múinte: fíor-bheagán d'aon adhbhar léighinn. Tonntacha glas-uaithne na mara in aoirde cnoc: mar bheadh dath an fhéir a's an dath saordha. Deirtear go bhfuil glas-eólas maith aige ar loingseóireacht: breac-eolas: gan foirbhtheacht.

glasadh: *f.* (*-sta*) do theacht, (d'iompódh) glas, liath, mílítheach. Cuma mhaith ar an áit gach aon rud ag glasadh leis an Earrach breágh, bog so: dath an fháis óig ar thoradh na talmhan. Phreab mo chroidhe lé hanaithe nuair chonnac an glasadh ag teacht 'n-a cheannaghthaibh: an dath mílítheach. Tagann glasadh ar an gcloich ó bheith sa tsáile: cruadhann sí a's liathann sí.

glasaim: *b. n-a.* iompuighim glas, liath, boirbighim chun fuachta a's droch-aimsire. Ghlas an oidhche ar na hiascairidhibh a's b'éigean dóibh teicheadh ón muir: tháinig gaoth chruaidh, fhuar, a shuathaidh an fharraige. Lé neart na gréine ní ghlasann fás ann: ní thagann an dath nádúrdha air. Do ghlas an chaora ó bhí sí 'n-a huan: d'iompuigh cuid dá holainn dubh.

glasán: *f.1.* breacadh (fáinne) an lae. Lé glasán an lae do ghlas an aimsir: le linn do bheith i moch na maidne go raibh dath gan solasmhaireacht ar an dtalamh d'éirigh an aimsir fuar, nimhghaothach.

glas-bhán: *a.* báidhteach, glas, míodhath: ar dhath na luaithe. Thug an buille a fuair sé dath glas-bhán air: báidhteach: imtheacht na fola as a ghné. Faigheadh sé aimsir thirim, ghrianmhar anois is ní fada ó aibiughadh é, tá sé bán-ghlas cheana fhéin: ag malartughadh a dhata ó ghlas go bán a's buidhe.

glas-phartán: *f.1.* saghas partáin, beag gan crúbaibh móra. Caith uait an glas-phartán san, ní fiú é d'itheadh: ní bhíonn aon scabhárd bídh ann. Cois trágha go gheibhtear é a's ní fiú faic é, ach chun baoite.

glasraidh: *b.2.* (cnuasainm) fáiseanna glasa, glasrach, fás, billeóga, gais, préamhacha inithte ar phlanndaidhibh áirighthe. Gáirdín glasraidhe agam mara mbíonn gabáiste, meacain etc. curtha agam. Bliadhain gheallamhnach atá innte, tá an glasraidh go flúirseach, borb: fás gach tortha. Annso 'sannsúd ar fuaid na craoibhe tá lanntáin ghlasraidhe mar a mbíonn ainmhidhthe ag ingheal: loga glasa.

glasruighim: *b.a. 7 n-a.* iompuighim glas; déinim glas. Glasruigheann gach fás san Earrach: fásann a's tagann an dath nádúrdha air. Go dtí gur cuireadh aoileach ón siopa ar an áit sin níor ghlasruigh riamh i gceart: ní tháinig a dhath nádúrdha borb, glé air.

glas-shluagh: (**gasluagh**) *f.1.* Seadh glas-shluagh mar sibh níor casadh riamh ar mhithil fir bhoicht riamh, níl eolas ar ísleán ná ar phíce ag mac máthar agaibh: dream gan eolas. Ní glas-shluaighthe na saighdiúiridhe Gearmánach a chlaoidh tír ar thír: saighdiúiridhe gan riar gan eólas a ngairme.

glas-shaighdiúir: *f.3.* earcach gan eólas; tosnuightheóir lom. Sid é an log 'n-a n-oiltear na glas-shaighdiúiridhe chun eólais a gcéirde do mhúineadh dhóibh: na saighdiúiridhe ná fuil ach luighte leis an arm den gcéad uair.

glas-shnaidhm: *b.2.* cuibhreach daingean, doscaoilte dhá cheann téide, téadáin, córda nó sreanga. Chuireas glas-shnaidhm ar éill mo bhróige a's caithfead a gearradh, a scaoileadh ní féidir: snaidhm ró-dhocht nó ró-achrannach. Bean choimhtheach droichmhaitheach i mbun tighe, na glas-shnaidhmeanna do chuireann sí ar a béal dá loirgtí faic uirthe: cumaidhe fiartha lé doicheall. Go ngeóbhadh thoir aniar agus thiar anoir níor bh'fhéidir aon chunntas do bhaint as ar imtheachtaibh na hoidhche úd, bhí glas-shnaidhm ar a bhéal aige: a theanga 'n-a tosc a's nár bh'fhéidir a bhogadh.

glas-thanaidhe: *a.* mílítheach caol (deoch). Um meádhon lae tagann dath glas-thanaidhe ar bhainne an uachtarlainn gur chonntabhairt leat a ól: pé tathnag a bhíos ann imthigheann, a's ní bhíonn "a dhath ar luaith ná ar lathaigh" (dath gur deacair d'ainmniughadh). Taithnigheann an tsíog glas-thanaidhe sin liom atá tríd an éadach san: néal éadtrom, glas.

glasughadh: *f.* (*-uighthe*) d'iompódh glas, liath, fuar-bhorb etc. Cómhartha glasuighthe an madra bheith ag itheadh an fhéir, tá drochaimsir air: atharrughadh aimsire ar olcas. Glasughadh luath dob eadh iad a's mar sin thángadar chun cinn go maith: tháinig gais nó billeóga glasa go luath ortha. Ní maith é an glasughadh adtuaidh bíonn nimh an diabhail bhuidhe ann: cruaidhshín go mbíonn dath gránda mílítheach ar gach nidh ghá leanamhaint.

glasuighim: *b.a. 7 n-a.* iompuighim glas; téidhim i bhfuaire, éirighim chun gaoithe a's buirbe: cuirim dath glas ar. Ghlasuigh an tráthnóna go raibh sé chómh fuar san uisce ná foighneóchadh duine bheith ar snámh ann: d'éirigh chun gaoithe go raibh fuinneamh a's fuacht innte agus dath mílítheach sa spéir. Tháinig an oiread spalladh triomaigh i dtosach na bliadhna gur mheathluigh na prátaidhe, níor ghlasuigheadar i gceart san am a's gur fheóidheadar: níor tháinig dath nádurdha an fháis óig ortha. Má tá an saoghal anacair féin

fé láthair orainn glasóchaidh sé fós: ní raghaidh sé i bhfeabhas. Cad leis gur ghlasuighis é sin?: gur thugais dath liath (saordha) air. Tuar ceart drochaimsire nuair ghlasuigheann an féar sa gheimhreadh: iompuigheann glas mar dhéanfadh san earrach.

glé: *a.* glansholasmhar, sothuigse, follus. Sáile glé an chuain ní mór ná go bhfeicfeá tón puill: solasmhar, tréimhdhearcach. An neamh ghlé atá sa bhuidéal fé lonnradh na gréine chídhfeá míle ó bhaile é: geal solasmhar. B'áluinn an bhean í a's budh ghlé í a súil: geal-aibidh, rinnceach. Ná coir do chainnt leis mar scéal, tá sé chómh glé agat a's b'fhéidir – thuigfeadh amadán é: sothuigse: soiléasta: soiléir. Bheadh croidhe glé ag mórchuid dá mbeadh deireadh leis an gcogadh so atá ag milleadh na ndúthaighe: éadtrom, subháilceach, lántsásta.

glé-: *r-mh.* geal, solasmhar, follus, ana-, iomlán. An té a chuir an t-iarann ar do bhóna bhí méar mhaith aice is é atá go glé-gheal: bán, geal, solasmhar gan a luighead doircheachta. Chómh glé-bhuidhe leis an mBuidhe Mhóir (plannda) tá a leicne: buidhe agus gléas lé buidheacht innte. Folt ghlé-dhubh go raibh scáil ann: folt a lonnróchadh fén solas. "Dá dtuiginn dhéanfainn ar malairt cuma" – "is glé-mhaith do thuigis, ach do chuid den rógaireacht do bheith ann" .i. go dian-mhaith. Mórán saighdiúiridhe bochta gan glé-thuigse aca ar cad ar a shon go bhfuilid ag troid sa chogadh so ach bheith ag cómhrac leó: tuigsint shoiléir: nách follus dóibh cad ar a shon. Mo rún a's mo ghlé-shearc ná fuil cam id chroidhe: grádh a chuireas é féin in iúil gan choigilt.

glé: *f.4.* áthas, éirghe croidhe. Chuir sé glé ar chroidhe a mhuinntire a chlos go dtáinig sé saor mar ar marbhuigheadh an oiread san fear: lúthgháir. Is glé liom maitheas do dhéanamh duit mar is mór agam tu: cuireann sé áthas orm an chao d'fhagháil.

gleacaidhe: *f.4.* trodaire; cleasaidhe, iomrascálaidhe, cluainire. B'iad gleacaidhthe Mhumhan ar iománaidheacht iad ar feadh tréimhse bliadhan, ní bhuadhfadh fuireann ar bith ortha: an dream dob fhearr ar an imirt. Lé buanacht ort atá sé, ná cuir aon nath 'n-a chuid geámaidhe, gleacaidhe críochnuighthe seadh é: fear cleas d'imirt lé fonn grinn. Gleacaidhe seadh é, fear ar gach slighe go maidean ambáireach: fear bárr misnigh, nirt agus eolais. Seachain an gleacaidhe milis sleamhain 'san teanga liom leat, mar an uair budh dhóigh leat gur leat iad is amhlaidh a bheadh ag taighdeadh isteach ionat: lúbaire. Cé go bhfuil sé go maith ar an dá chuma is fearr de ghleacaidhe 'ná de dhóirneálaidhe é, is ró-dheacair treascairt do bhaint as ag cor: iomrascálaidhe. Níor fhág saighdiúiridhe na hÉireann amhras in aigne aonne riamh ná gur ghleacaidhthe iongtacha iad, riamh níor obadar troid, agus is annamh do cuireadh an lá ortha: trodairidhe. Bhíodh sé ag teannadh 'sag teannadh liom, ghá rádh liom go raibh gach aon nidh budh leis a's budh mhian liom ar mo chur go bhfuair sé i ngreim a's gur scrios an gleacaidhe me: cluainire, mealltóir fealltach. Gleacaidhe truaillighthe: duine a bhíos ag imirt ar a bhall síolraidh.

gleacaidheacht: *b.3.* imreas, achrann, spairn, oileamhaint earcach nó tosnuightheóiridhe ar a ndualgas míleata trí thaithighe mion minic; iomrascáil, gleáchas, cleasaidheacht ghlic. Na laetheanta so tá gleacaidheacht, má bhí riamh in aon áit, idir luingeas aoir Shasana a's na Gearmáine san Muinchile chun an lámh uachtair d'fhagháil ar a chéile, iad ag pléascadh 'sag treascairt a chéile: comórtas nirt a's glic-eólais. I mbéal an bháide do

thárla gleacaidheacht fhíochmhar idir an dá fhuirinn d'iarraidh a's d'iarraidh gan scór do ghnóthughadh: spairn chealgánta. An aimsir seo tá na mílte Éireannach fé ghleacaidheacht airm ar fuaid na tíre: cleachtadh dhá dhéanamh aca fé theagascóiridhibh taithightheacha ar eólas airm d'fhoghluim. An uile lá ar aitreamh meádhon lae ar scoil chaithimís an aimsir ag gleacaidheacht, ag leagadh 'sag tuargaint a chéile a's mar sin de: ag tástáil ár nirt chun seóidh. Dá mbristeá do chroidhe, mara mbeidhfeá an-phras ar fad, chuirfeadh an cladhaire úd mionairgead go mícheart ort lé n-a chuid gleacaidheachta: thairngeóchadh sé bóithre cama, glioca chuige a thógfadh do chaoraidheacht den gcúram idir lámhaibh aige. Lé gleacaidheacht rud ar bith a bhíonn uaidh gheibheann sé é: slighthe sleamhaine, meallaireacha. Gleacaidheacht thruaillighthe .i. teangmháil droichbhéasach leis an mball síolraidh. "Connus táir ag cur an tsaoghail díot, a chara?" – "ag gleacaidheacht leis, a bhráthair, de ló a's d'oidhche ag saothar": ag dréim, ag bruic leis.

gléacht: *b.3.* gléas, solasmhaireacht, léargas. San iarthar tá beagán gléachta ag briseadh na scamall, an t-aon áit go bhfuil fhios go maireann an ghrian: gileacht: gealas. Cómhartha maith ar an uisce a ghléacht sa ghloinne, ní mór go mbreithneófá go bhfuil ann tá sé chómh héadtrom, glinn sin: solasmhaireacht: ar aiste bheith geal a's taithneamh ann. Lé gléacht na spéire chídhfeá na fichididhe míle ó mhullach na cruaiche: léargas: soiléireacht: gan oiread a's dubhradán dá luighead sa spéir.

gleacuighim: *b. n-a.* deinim spairn, dréim lé, cómhairicighim. Gleacuighim mar is fearr is eól dom lé rud ar bith do cuirtear mar chúram orm, gan cheisneamh: téidhim i mbun a dhéanta. Ghleacuigh an bheirt iomrascálaidhthe go cealgánta lé chéile i lár an chróidh: dheineadar tuargaint nirt go healadhanta, dian.

gleadhrach: *a.* glórach, léasparnach, fothromach, callóideach, callshaothach. Ní tugtha d'aonne bheith 'n-a chuideachtain, bíonn sé an-chlaon lé bheith gleadhrach in argóint a's éirigheann sé tarcuisneach: callshaothach: deacair teidhmint do dhéanamh air. Teine ghleadhrach agam im bhothán, me im shuidhe os a chómhair, teas a's teólaidheacht a's seascaireacht agam uaithe: teine bhladhmsach: dearg, spréacharnach. Abha ghleadhrach lé fánaidh an chnuic gem chluais ghá stealladh féin 'sag léimrigh ameasc na gcloch: reatha, fothromach, fuinneamhail.

gleadhradh: *f.1.* glór a's fothrom: fuaim mhór, throm: clagairt. Chongaibh gleadhradh na síne báistighe ar cheann peilte an tighe 'om stealla-dhúiseacht ar feadh na hoidhche: clagairt: glór trom, siansach. An té a bhí i gcath Dhún Circe níl baoghal ná gur airigh sé gleadhradh gunnaidhe mór: fuaim uathbhásach. I rith na hoidhche bhí gleadhradh gen ngeata leis an ngaoith, mar ná raibh sé daingean: bualadh a's stialladh.

gleam-shúil: *b.* (*g-súl*) cas-shúil, amharc ná tugann faic fé ndeara go cruinn. B'fhéidir duit an ceart do bheith agat, ní raghadh chun áitimh leat air, ná raibh an fear láithreach, mar nár thugas ach gleam-shúil ar an gcóimhthionól: liathshúil: amharc reatha. Léan id ghleam-shúil mar an dall ataoi a's satailt ar mo chois: súile neamhchruinne gan bheith suidhte ró-thaithneamhach sa cheann.

gleam-shúilighe: *b.4.* radharc neamhchruinn, féachaint de dheascaibh na súl do bheith suidhte as treó. Cad é an ghleam-shúilighe atá ort ná feicir an rud atá uait a's é os do choinne amach?: spearball, "spiarataidhe": ceal cruinnis radhairce. Ná habair liom-sa ná raibh gleam-shúilighe go trom ar an té a cheannuigh an raga capaill sin mar chapall mhaith: iomard radhairce nár thug a lochtaidhe fé ndeara. Sin fear go bhfuil gleam-shúilighe air: ná féachann go cruinn nó ná tugann rudaidhe fé ndeara 'n-a gceart.

gleann: *f.1.* clais idir dhá ardán nó cnoc, créacht dhoimhin thalmhan, clais dhoimhin idir dhá uain nó ólaidhe mhóra farraige. Sé an gleann do stáitse mar ghiolla ar an bhfuadar tiománaidheachta atá fút mara mbír aireach: i gclais a dhéanfadh a dhíoghbháil. "Lé gleann do dtéighir!" (drochghuidhe): go dtuitir ann a's go ndéintear do dhíth tríd. An bóthar lán de ghleanntaibh tréis na tuile: créachta nó gearraidheacha doimhne. Pós bean ón ngleann a's pósfair a bhfuil ann: toisc cumhainge na háite bíd i ndlúthchoidreamh lé chéile a's gaolmhar, leanamhnach dá chionn, a's leanaid do chéile dot olcas nó dod mhaitheas. Ná maoidh go fóill níor chuiris an gleann fos díot: an baoghal, an chonstaic. Ná léim gleann go dtárla ort: ná bí ag cur suime i nidhthibh a samhluightear duit. Coidreamh ná cainnt níor dheineamair lé fada, tá gleann eadrainn: ní réidhtighimíd lé chéile. Gleannta farraige go mbíodh an bád ag imtheacht síos síos go síltí dhom go raghadh go grineal!: claiseacha idir "chnocaibh farraige".

gleannán: *f.1.* gleann beag, gleainnín. Chuaidh an bhó ar míochomhthrom i ngleannán ar a drom a's ná féadfadh éirghe i gclais bhig.

gleannóir: (**gleannadóir**) *f.3.* duine a chómhnuigheas i ngleann. Is leanamhnach iad gleannadóiridhe: claoidhfead lé chéile go dlúth.

gleanntamhail: *a.* go hiomadamhail fé ghleannaibh nó comarachaibh, méiscreach. An fharraige ghleanntamhail d'éirigh nuair ghlasuigh sé aniar ní rithfeadh aon bhád béalscaoilte í: claiseacha doimhne idir na huanachaibh. Talamh gleanntamhail seadh Corca Dhuibhne: gearraidheacha doimhne ann agus comaracha géara cnoc. Ní fada amach ós na hoileánaibh a bheimíd nuair thárlóchaidh íochtar na mara gleanntamhail: doimhneas obann ann.

gleanntán: *f.1.* gleann beag.

gléas: (**gleus**) *f.1.* slighe, comar; úirlis, oireamhaint; glas gunna; troscán tighe; aiste, can, módh, nós; áirneach (ainmhidhe); culaith; fearas, sás, cóir, tiargabháil. Nách mall ataoi ag cur an bheidhlín i ngléas, ná coigil céir uirthe: úirlis ceóil do chur i dtiúin, i dtreó aoirde chirt. Is fada buidhe uainn bheith i ngléas gluaiste, tá oíle, uisce a's a thuilleadh uainn fós: in órd: in ullmhacht. Is ró-bhreágh an gléas atá ar an mbád san idir mhaide, chrann, shlat a's sheól: fearas chun farraige. Ná cuirimís chun farraige gan bheith deimhnightheach go bhfuil an gléas iascaigh ar fad againn idir dharadha, bhaoite, líon, a's uile: fearas: na hadhlainidhe riachtanacha. Is maith an gléas atá ar an gcapall san, cluasáin, coiléar (braighaideán), srathar, bríste, etc. amach as an ndeil: treallamh. Táthar ag cur milleáin tuitthe ar tóin na Frainnce ar easbhaidheacht agus olcas a gléis cogaidh: úirlisidhe a's lón. Gléas gránda báis an chroch: fearas. Gléas tórraimh: biadh, pípeanna, tobac a's deoch:

gnáthaidhe tórraimh. Gléas nuadh luach do mharbhadh gaiste déanta de bhlúire beag adhmaid a's cairche (bhaghar): is féidir do chur ar tinneall. Is mall an gléas buainte speal seachas inneall bainte: cóir: úirlis: fearas. Mo dhairithe, mo dhubháin, mo líonta a's mo bhád gléas mo bheatha: an chóir atá agam chun mo bheathuighthe. Beidh tamall ann sara mbeam socair síos i gceart in árus nuadh, tá gléiseanna, mar cathaoireacha a's rudaidhe eile lé ceannach fós againn: troscán: rothaidhe. Tá glas an dorais ar mí-ghléas, ní bhainfeadh an eochair anuas é: ar mío-órdughadh. Bíonn an oiread san rud ag brath orm ar fuaid an tighe i dteannta mo chuid oibre lasmuigh ná féadaim teacht ortha a's mar sin go bhfuil gach nidh ar mí-ghléas: as treóir: gan faic 'n-a ionad cheart. Is olc anacrach an gléas atá ar an aindeiseóir sa bhathalach tighe, salach, barcach, leathocrach: an clódh: an aiste. Gan amhras ar domhan cuireadh gléas maith orainn sa tigh úd, teannadh gach nidh dá fheabhas linn: cóir: coinnimh mhaith. An chéad lá riamh a chuaidh sé isteach i muileann 'n-a thosnuightheóir ghlas bhain na gléiseanna go léir a mheabhair de: choidhche shíl sé ná tuigfeadh bun a's feidhm an uile chinn aca: na fearaistidhe a's na hoireamhaintidhe. Tá buidéal dighe agam ach níl gléas oscaltha agam: úirlis. Chaith sí mórchuid den lá leis an gcóirightheóir fuilt a's ar fhágaint di bhí gléas so-amhairc ar a cuid gruaige: módh feistighthe. Munar bh'fhéidir leis an ngleacaidhe rud do ghnóthughadh go macánta bheadh a thriall ar ghléas eile: thairngeóchadh malairt slighe chuige féin. Caraidhe sleamhnáin an gléas iomchair a bhíod ag ár sinnsear annso sarar deineadh bóithre: an chóir. An gléas: an ball síolraidh. Gléiseanna feirmeóireachta: úirlisidhe.

gléas: *f.1.* léireacht, solasmhaireacht, scáil, glaine gheal. Bíonn gléas i gclúmh 'si gcleitidhibh an fhiaigh dhuibh lé duibheacht: néal sholasmhar fé sholas. Thiocfadh gléas ionat ó bheith ghá itheadh sin lé n-a scabhárd a's a shaidhbhreacht: scáil: lastacht mar bheadh fé sholas. Fuair do leicne scriosadh maith ón rásúir ar an ngléas atá innte: leicne mhín, ghlan go dtaidhbhseóchadh néal innte. Ainmhidhthe cothuighthe go raibh gléas ionta lé feóil: sleamhain, beatuighthe a's scáil nó glaine gheal 'n-a gcroiceann: slíogadh. Cuirfidh an smearadh san gléas id bhrógaibh: beidh siad sleamhain, slíomtha a's scáil ionta. Bíonn gléas i mbuidéal fé thaithneamh na gréine: deallradh, an solas dhá athchaitheamh aige.

gléasadh: *f.* (*-sta*) do chur léireacht ar dhath aon ruda. Ag gléasadh a bhróg leathair etc. lé scuaib: ag cur sleamhaine a's scáile 'n-a n-uachtar.

gléasadh: *f.* (*-sta*) d'ullumhughadh, cóiriughadh, gabháil, tiargabháil do dhéanamh, d'fhearasughadh, do chur i dtreó, d'éadughadh, do chur i gculaith(irt); do chur i dtiúin. Is olc an gléasadh atá tugtha agat ar an gcapall, féach an tarrghad gan é leathteann a's ceann des na tairric níos sia 'ná an ceann eile: an chuma go bhfuil sé gabhtha. Ag gléasadh na luinge atáid, lón aca dhá chur innte: biadh, uisce a's gannaidhe eile. Budh dhóigh lé duine ort gur ar aonach a bhís ag dul an fhaid atá caithte agat god ghléasadh féin, cad fáth an cóiriughadh caithis go léir: ghod ghabháil féin: ag cur do bhalcaisidhe éadaigh ort. Bím an-leathlámhach, mar bíonn orm, i dteannta mo chuid oibre, mo chuid bídh do ghléasadh: d'ullumhughadh. Faid bhí an ceóltóir ag gléasadh a bheidhlín bhí sé ag bogadh eochrach a's ag fáscadh eochrach 'sag cur céarach fé n-a bhogha: ghá cur i gcomhaontachta fuama fé chaighdeán chinnte. Nách uathbhásach an gléasadh atá ar an seómra so, gan aon rud

’n-a ionad chóir féin: cóiriughadh, riar. Náire dhúinn an droichghléasadh atá dhá choimeád againn ar chuid de sheanoibreachaibh a’s foirgneamh na dúthaige, iad ag tuiteam ’sag leigheadh: drochaiste: drochchóir. Thuit an clog a’s stad sé, is éigean é do chur chun duine éigin chun a ghléasta: é do chur i dtreó a’s go raghaidh sé ar siubhal airís.

gléasaim: *b.a.* cóirighim, ullumhuighim, cuirim i dtreó, in órdughadh, éaduighim, cuirim i dtiúin, fearaistighim, tairngim (líomnaim). Corruigh, gléas tú féin, i slighe gur taithneamh lé súil gach n-aon thu: cuir éadach maith umat agus cuir cóir cheart ar a riar. Sin capall nár gléasadh riamh fé thrucail: nár gabhadh: nár cuireadh culaithirt thairric a’s iomchair air: “gleóthálacha”. Ghléas sé air a hata a’s maig ann: shocruigh nó chóirigh ar shlighe áirighthe. Níl baoghal air ná gur gléasta atá an Ghearmáin maidir lé cómhacht san aer: fearaistighthe. Nách aindeis do gléasadh an geata san, tá sé ag faire ar thuiteam: do feistigheadh nó cuireadh in ionad é. Gléasadh sé chéad fear chun an dúna do chosaint: bailigheadh a’s tugadh arm dóibh. Gléasfad déantús nadhbhóige dhuit ar pháipéar go bhfeicir cad é an saghas áruis í: tairngeóchad: líomnóchad: bainfead dréacht nó pátrún ar rud nidheamhail. Is fada gur gléasadh an tseanbheidhlín anois, is dócha gur deacair aon cheol do bhaint aiste: ó cuireadh i dtiúin nó i dtreó seamtha í. Gléasfad-sa an bhéile a’s faigh na háruistidhe: déanfad a h-ullumhughadh. An bád gléasta fé lón ag feitheamh lé cóir (ghaoithe): a cion lóin curtha ar bórd innte. Connus ghléasais leat rud chómh mór leis gan neach dod fheicsint?: a bhailighis leat: a mheallais leat i ganfhios.

gléasmhar: *a.* scáilmhear, drithlíneach fé sholas; léasmhar. Is agat atá an cothughadh, a’s sé sin deir do leicne gléasmhar leat: solasmhar: míne agus lasadh innte. Budh dhóigh leat gurbh airgead leachta an fharraige fé lonnradh na gréine, tá sí chómh gléasmhar san: drithlíneach: ag léimrigh mar lia spréach gheal. Ó bhathas trácht is í bhí go gléasmhar fé n-a héadach uasal a’s a cuid seódraidh: scáil ionta. Gloine ghléasmhar chídhfeá go soiléasta tríthe: go bhfuil scáil lé solasmhaire innte. Bróga gléasmhara: go mbíonn smearadh curtha fútha a’s iad cuimilte go mbí snas solasmhar ortha.

gléasmhar: *a.* cóirighthe, inneallta. Coimeádann sé siopa maith gléasmhar, is beag rud a theastóchadh uait ná go bhfaghfá ann: inneallta. Níl an long gléasmhar a dóthain chun cur fé dhul thar lear: go leór d’fhearas riachtanach innte. Tighthe ósda gléasmhara go hiomadamhail ar an mbaile, ní bheidh aon cheal córach ort: an uile rud a théigheas chun do sheascaireachta lé fagháil ann. Ní mór gach rud bheith gléasmhar fé chómhair an chigire d’fhonn a’s ná faghadh sé aon locht: socair ’n-a cheart: in órd dréir riaghalach. Budh ghléasmhar iad a mbeaignitidhe curtha ag gluaiseacht fén ngréin: drithlidhe solais ag éirghe asta mar athchaithidís taithneamh na gréine.

gléasta: *a.r.* inneallta, cóirighthe, fearaistighthe, gabhtha (fé). Is róbhreágh an ball éadaigh an chulaith sin ort, is maith gléasta a thaidhbhsighir innte: gabhtha: déanta suas. Tuairm mhórán go dtabharfaidh an Ghearmáin fé ghabháil Shasana nuair bhíonn a fearaistidhe a’s a cuid úirlisidhe gléasta i gceart: socruighthe mar is riachtanach. Fan nóimint, níl mo bhróga gléasta fós orm: na hiallacha nó na lasaidhe gan bheith ceangailte. Ní bheadh an capall gléasta indiugh, a maimilínigh, féach na hamaidhe taobh siar aniar díobh: an chulaithirt curtha air. Sé an bórd gléasta fé bhiadh é, moladh a’s buidheachas

leis, an radharc!: cóirighthe: gabhtha, maisighthe. An fhuireann gléasta chun peile: an t-éadach a's na bróga oireamhnacha ortha.

gléastacht: *b.3.* scáilmhaireacht, drithlíneacht, niamhaireacht, ullumhacht. Maise d'aon rud go dteangbhuigheann a méar chliste leis fágann sí gléastacht ann a chuirfeadh sástacht ar do chroidhe lé n-a ghlaine a's a shnastacht: slachtmhaireacht, míne a's taithneamh. Chídhfeá tóin an áruis tá an oiread san gléastachta san uisce: gile agus glaine. An ghléastacht atá sa tsíoda fén ngréin, budh dhóigh leat gur teine gheal bheadh ag éirghe as: gealas: glioscarnach. Chuireas tuath mhór i ngléastacht gach ruda dá bhfeaca sa tír, an uile rud glan, cuimilthe, i dtreó thaithneamhaigh: míne, saor ar shmúit a's ar shalachar: gach nidh go slíomtha, sásta. Togha gléastachta cogaidh ag an nGearmáin de bhreis ar a cómhspairneóiridhibh, teainceanna budh mhó, budh mhó siubhal a's budh thruime, gunnaidhe beaga a's móra ós a gcionn go hárd: togha ullamhúcháin. Ar a ghléastacht atá an doras fé n-a bholtaidhibh 'sa ghlasaibh budh dheacair é do chur isteach: a fheabhas atá sé feistighthe, daingnighthe. Ar a ghléastacht a bhí a bhróga gem ghaige, bhéarfá tú féin ionta: an lonnradh snasta a bhí sa leathar.

gléigeal: *a.* an-gheal, soiléir, bán ar fad, ionmhain. An ghaoth chómh láidir, teann san gur rug sí barra gléigeal ar an muir: í ag briseadh a's dath fíor-bhán ag iompódh uirthe. Uisce chómh gléigeal san go bhfeicfeá bonn an tobair, budh dhóigh leat ná raibh faic ann: glan, glinn, solasmhar. Tá sé níos mó 'ná bheith i ngrádh léi, tá sé imthighthe bán gléigeal 'n-a diaidh!: beagán neamhmeabhrach air 'n-a taobh: níl faic eile ag dóghadh a ghirbe ach í. Chaith sé anuas a raibh air go dtí go raibh sé geal, gléigeal!: nochtuighthe gan luid. Níor bh'aon náire dhá mhnaoi an léine ghléigeal a bhíodh ar a fear 'n-a diaidh: a báine, a glaine, agus a iarnálta a's bhíodh sí. D'imthigh sé bán gléigeal an tsráid síos ag béicigh 'sag liúirigh: ar báinighe: gan éifeacht ná smacht. Mara n-imirighidh sibh macánta éireóchad as na cártaidhibh seo bán gléigeal: ní dhéanfad machtnamh an ath-uair air agus ní fhillfead ortha. Bí it shuidhe ar an dtairnge, tá an lá gléigeal geal ann: lóchtaintighthe chómh mór a's bheidh. Tá a chroidhe sin chómh gléigeal lé sneachtadh, níor chás duit seasamh air: chómh neamhurchóideach. Chuireamair cor ar ráth éisc a bhí ag déanamh orainn a's farraige ghléigeal dhá chur sa spéir aige: farraige cháithte(ach). Mo ghrádh géar gléigeal thu, is fiú ór gach órdlach ded chorp: táim lán de chion gan gó gan dearmad duit. Is gléigeal lém chroidhe thu do bhualadh liom: is ró-aoibhinn. Ní dhéanfadh aonne gan snámh dul i bpoll doimhin ach duine gléigeal as a mheabhair: gan aon rian céille fágtha aige. Mo leanbhaidhe gléigeala gur árduigh an bás leis iad: grádhmhara. Má tá anam aonne gléigeal tá a anam súd, cruisteach sa scéal ná bréag níor chuir sé ar aonne riamh: anam gan peaca, gan smól. Tá cúis éigin ortha a's níl sé gléigeal díobh: ceanamhail ortha. Bhí an sagart gléigeal ar an altóir díreach nuair shroicheas an sáipéal: culaith an aifrinn curtha aige air. Do chneas gléigeal: bán a's scáil ann.

gléigileacht: *b.3.* báine iomlán; glaine; scáilmhaireacht. Lé gléigileacht na gealaighe chídhfeá i bhfad rómhat ar an mbóthar: gealas mór. Cuireann "lucs" gléigileacht in éadaighibh a nightear leis: tugann an dath amach ionta gan aon rian salachair d'fhágaint. Tá gléigileacht ag dul ar an lá: scamall ag scaipeadh a's gealas mór ag teacht sa spéir. Bean a bhí áitrighthe lé gléigileacht a croicinn: fíorbháine a's finne.

gleic: *b.2.* coimheascar, ceangal, cuibhreach, dréim, iomrascáil; treis. Duine an fear san nár bheag air scian do chur ionat, fan uaidh, ná téighir i ngleic leis: coimheascar: comórtas nirt. Chuaidh an dá mhadra i ngleic a chéile a's ní scarfadh Éire iad: ceangailte i gcochall a chéile. Is dian é gleic an anama leis an ndiabhal: comhrac an duine in aghaidh an pheaca: ag dréim. Gleic beirte: cómhrac beirte mar bheadh le cloidhtibh.

gleidirne: *f.4.* duine aindeis, toirteamhail. Is mór mar thuit sé chun feóla, tá gleidirne déanta dhe, budh dhóigh leat gur lacha ag siubhal é: scéithinseach: é trom aindeis neamh-éascaidh. An gleidirne a's an geidirne tóna atá air.

gléineach: *a.* glan gan teimheal, solasmhar, léir, scáilmhear. Nár mhór an fear éitigh é go ndeireadh go bhfeiceadh sé na daoine maithe i lár an lae ghléinigh ghil: an uair is mó a bhí gealas ann. Sid é an t-ím breágh, gléineach: gan smál, teimheal ná salachar. Is annamh do bhíonn barr Chnuic Bhréannain gléineach glan ná go mbíonn ceódh nó scamall air: léir: soiléasta. Cloiseadh fuaim na ngunnaidhe móra go gléineach fiche míle ó bhaile: go soiléir. Fáth go bhfuil an sáile seo chómh gléineach gainnimh bheith ar thóin puill, ní mór ná go bhfeicfeá tón aige: soiléir, glinn. Éirigheann Cnoc Bhreannain lá breágh go gléineach os chionn na gcnoc eile 'n-a thímcheall: soiléasta: soifheicse. An cómhartha báistighe na réiltínidhe bheith chómh gléineach?: an solas atá uatha: lonnrach.

gléir: *a.* glan, soiléir, soiléasta, niamhrach, togha, iontoghtha. Cé go bhfuil cion mór agam ar a bhfuil de chlainn aca budh ghléire liom Tomás 'ná aonne aca: thógfainn mar rogha é. Tá rian a nglanta a's a gcuimealta ar na háraistidhibh seo, is iad atá go gléir, gléasmhar: niamhrach, snasta, geal. Ní haon náire dhuit an scríobhnóireacht san, is í atá go gléir agus is furaiste do léigheamh: néata, deagh-chúmtha.

gléir-: *i gc.fh.* iomarcach, breis de, treasna a cliatháin tháinig gléir-thinneas ná fuilngeóchadh capall dá láidre é: dian: diabhalta. Is agat atá gléir-choirce an mhargaidh, a bhualadh ní fheicim: rogha.

gléire: *b.4.* glaine, niamhracht, ródhacht. Gléire na bhfear i ngach cath nár bh'fhéidir do chlaoidhe do thugadh an buaidh dóibh: ródhacht: calmacht gan cúladh. Bíodh a ngléire agat, fút féin atá, toigh do rogha: an chuid is fearr díobh. Ameasc na mbláth uile thabharfá fé ndeara an ghléire atá ag baint leis an rós: an niamhracht: lonnracht.

gleithearán: (**gleithireán**) *f.1.* fotharaga deabhaidh, siubhail; imshníomh; gnóthacht a's cúramacht mhór; luathlámh gan riachtanas. Ní shuidhfeá eadrainn, ní dhéanfá san mar nár fhág an gleithearán riamh thu: an deabhadh sanntach chun bheith ag gabháil de rud éigin a's gur mhór leat leathuairín ded shaoghal do scaoileadh thart i sos ná i ndíomhaointeas. Ná cuir aon stró anois orm tá gleithearán orm, tá mórchuid orm do dhéanamh agus breith ar an dtraen go Corcaigh: fuirse chun mórán do dhéanamh i mbeag-aimsir. Ní lé gleithearán in ao'chor d'fhoghlumóchair do cheárd ach lé foidhne agus claoidhe léithe: deabhadh mór gan bheith aireach. Cad é an gleithearán so abhaile anois ort, ná béarfá bóg ar an saoghal, nách iomdha lá bheir ar thaobh an teampaill?: deithneas gan ghábhadh. Féach chugham thu, mara dtugair-se aire dhuit féin a's gan bac dom-sa, cuirfead-sa gleithearán ort!: d'fhiachaibh ort scrios go tapaidh as mo radharc. Beir ag gleithearán leis

an lampa san go leagfair é ná fanfaidh uaidh amach, cad é an ghleótháil atá agat tímcheall air?: ag teangbháil leis gan chúram. Tagann gleithearán ar a croidhe nuair bhíonn a fear amuigh déidheannach gan filleadh ar eagla gurbh rud éigin a bheadh tárluighthe dho: imshníomh a's suathadh. Lá gleithearáin sa bhaile mór dob eadh é, an lá a bhí na dubhchrónaigh ag tiomáint na ndaoine ó aonach a's ó mhargadh: dul trí chéile, fuirse a's suathadh. Ní bhíonn aon aimsir cheart gleithearáin ag an bhfeirmeóir ach an foghmhar: obair, luathlámh a's deabhadh thar dheabhadh. Imthigheadh an gleithearáin díot: beir fada: bí níos foidhnighe. Leis an ngleithearán níor bhuail sé an t-iarann cruinn, shleamhnuigh an t-órd ar an inneóin: ceal aire lé himshníomh buailte.

gleithearánach: (**gleithireánach**) *a.* deabhfrach; brostuightheach; fústarach; fuadrach, sanntach chun oibrighthe. Toisc a luighead cabhartha atá tímcheall na feirmeach agam bím ó dhubh go dubh, gnóth annso a's cúram annsúd: obair a's glaodhach fé dheithneas. Is luath, mear, gleithearánach do chuir slóighte Shasana dhíobh abhaile as an bhFrainnc ó fháscadh shlóighte na Gearmáine, gur fhágadar a gcuid fearais a's armála 'n-a ndiaidh: nár "leigeadar don bhféar fás fé 'n-a gcosaibh". Leig dom féin, níl mairg sa tsaoghal orm, déanfad an bheart asam féin, cad n-a thaobh bheith chómh gleithearánach im thímcheall?: cúramach gan chall. Is mór gur gleithearánaighe an fóghmhar ag an bhfeirmeóir 'ná an geimhreadh: gnóthaidhe.

gleithearánaidhe: (**gleatharánaidhe**) *f.4.* duine fústartach, neamhfhaidtheadhlach; ruathaire. A ghnóth go deó ní bheidh ar shálaibh an ghleithearánaidhe sin, má dheineann sé an gnóth dho bheith 'n-a bhun a's 'n-a bharr do shíor: duine ná cuireann a chos fé ach ag gabháil de rud éigin. Gleithearánaidhe gan éifeacht é, ní fheacaidh aonne riamh gnóth slachtmhar 'n-a dhiaidh: útamálaidhe.

gleithearánaighe: (**gleithireánaighe, gleatharánaighe**) *b.4.* fústaracht; fuirse; fuadar. Cá bhfuil do ghleithearánaighe?: cad tá ag rith leat?: an deabhadh thar meón. Gleithearánaighe na haimsire ná faghaim eaga ar theacht ar gach aon rud do dhéanamh: cúram tighe a's áite nách féidir faillighe do thabhairt ann. Leis an ngleithearánaighe a bhí ar an bhfreasdalaidhe baineadh barra-thuisle as gan féachaint roimis: fuadar deabhaidh gan bheith aireach. Pé gleithearánaighe atá orm déanfad eaga dhe do chúram-sa do dhéanamh, mar is fiú liom ort comaoin do dhéanamh duit: dá ghabhtha, broideamhail do bhead etc.

gleó: (**gleódh**) *f.1.* glór, coimheascar, cath, imreas, achrann, fothram, easargain. Tréis an ghleóidh go léir le tamall go mbeadh namhaid éigin orainn aon am den ló, den oidhche, ní feacthas a chómharthaidhe fós. Níl de mhaith ionat ach a bhfuil de ghleódh agat: cainnt gan gníomh. Éistighimís, ní fearr biadh 'ná ciall, ná déinimís a thuilleadh gleóidh de: a thuilleadh cainnte nó argóna. Congaibh 'n-a rún an méid atá ráidhte agam leat, níor mhaith liom go mbeadh an gleódh 'n-a thaobh dá scaipfeadh sé ameasc na ndaoine: trácht fóirleathanadamhail a's sians ná déanfadh maith. Cá bhfuil an tigh tábhairne riamh ná raibh gleódh ann luath nó mall?: cainnt, glór a's achrann. An gleódh a bhíodh againne, buachaillidhe ar scoil, ní mór ná go gcuireadh an máighistir lé báine – gáiridhe, foth-bhéic, slinnteacha dhá leagadh a's dhá bhriseadh: glór a bhodharfadh duine. Os chionn na canáile idir Shasana a's an Fhrainnc atá an gleódh a's an chaismirt an aimsir seo ag

eiteallánaibh pléascán, piléir, pléascáin a's réabadh, a's a leanas d'fhothram iad: an t-imreas: an coimheascar. An té ná beadh taithighe aige air ar dtúis, bainfeadh gleódh na cathrach a mheabhair de: an fhuaim a dheineann na fichididhe trucaillidhe a's córacha iomchair, na sluaighte duine etc.: an fothram mearuightheach. Níl aon chiall díreach agat ach oiread a's tá ag gealbhan gleóidh: gealbhan a bhíos ag eiteall ó bhall ball a threithear ar siubhal aige a's gan a thriall ar aon rud áirighthe. Nách é "Seán an Ghleóidh" é: fear a bhíos ag síorchainnt go glórach gan aon fhuaimeant leis. Chun gleóidh a tháinighis annso, an eadh?: iomad cainnte chun daoine do chur amugha a's díomhaointeas agat féin. Tiocfaidh gleódh as an ndrochobair seo mara luightear cos ar an gcúrsa: buadhairt a's imreasán. An lá do tugadh iarracht as dhathad treóntaidhe do chur as seilbh a's gur bhailigh na slóighte 'n-a n-aghaidh a's gur choisc: b'é lá an ghleóidh é: an tranglaim a's an tsuaidhte. Dá dtéigheadh Sasana ar lár níor gleódh liom-sa san, is í m'aigne bheadh go sásta: níor ghoilleamhaint orm é: garabhuaic. Nách ciúin ataoi ó tháinighis abhaile, ní raibh aon ghleódh lé fada uait: níor chuiris tú féin in iúil ar chuma go gcuirfeadh daoine suim ionat. Choidhche ní bheadh sé sásta mara mbeidhfí ag déanamh gleóidh air: rud éigin do bheith sa treis aige a chuirfeadh daoine ag cainnt air. Ní dual gleódh in ósbuidéal: fothram a ghoillfeadh ar otharaibh ní cuibhe é ann. Thabharfadh sé an leabhar breac gur indiugh gur gleódh daonna do chualaidh sé: fuaim cainnte. Tá sé ó ghleódh anois agat leis an mbuille sin: marbh: curtha 'n-a éisteacht. Fé bhun gleóidh do dhéanamh de, ní bhfaghair faic sa tsaoghal so, a mhic ó: cainnt a's cómhrac (más gábhadh san) ar son ruda do bheith agat.

gleódhach: *a.* glórach, fothramach, caollóideach, achrannach. Aicme ró-ghleódhach do dhuine mhacánta sibh chun luighte lé bhur gcómhluadar, níl míne ná síothcháin in bhur n-earball: glórach, callóideach: claon lé haragal. Sruthán gleódhach ag rith thar mo bhothán, ge poll mo chluaise, b'aoibhinn leat a chlos i mí mhairbh na hoidhche: glór siansach dhá dhéanamh aige. Budh ghleódhach leis an halla rinnce sa doras budh ghiorra dho a's ghearán go dochaiseach leis an ngárda é: an fhuaim rinnce, glisiam a's clibirt a bhíodh ann, budh challóideach leis ar a chluais é. Cúis ghleódhach ges na leanbhaidhibh bochta bás a máthar: brónach, buadhartha. Ná bí gleódhach ag tagairt do ghearáin, is móide héisteófar leat ach bheith mín, réidh: árdchainnteacht: bagarthach.

gleóite: *a. n-dh.* deas, niamhrach, so-amhairc, néata, aoibhinn, taithneamhach. Mo ghrádh géar do chos rinnce, is gleóite í: taithneamhach chun rinnce. "Go gleóite" deirtear nuair deintear beart phras gan súil gan choinne léithe. Is gleóite chanann sí amhrán, ní bheidhfeá cortha choidhche d'éisteacht léithe: go binn gan bheith ró-áluinn. Áit ghleóite é, ach tá sé róbheag, róchumhang go dtabharfá áit iongtach air: so-amhairc: taithneamhach. Bean ghleóite nár chaill a cainnt riamh pé áit go mbuailfeadh leat: lághach: deaslabhartha. "Connus tá an seanduine ag cur de?" – "de dhuine go bhfuil aos mór aige, go gleóite": go binn: go sásamhach: níl sláinte gaiscidhigh aige ach mar sin féin ní gearánta dho. Bhuadhabhair an cluiche sin go gleóite i ndeireadh thiar: go cliste, neamhmhórchúiseach. Is gleóite leis an leanbh bréagán do bheith aige: is taithneamhach: meallann ó bheith crosta é [ní ghabhann toirt le "gleóite" san áit seo].

gleóiteacht: *b.3.* taithneamhacht, binneas, niamhracht, néatacht; triopalacht; snastacht. Gleóiteacht na háite do shúigh air me: deise a's réidhchúiseacht. Gleóiteacht cainnte an

leinbh sin, d'aithneófá go bhfuil teagasc maith sa bhaile air: an tslighe mhiochair do labharann sé. Raghadh gleóiteacht an gháirdín id chroidhe lé n-a ghastacht a bhí bláthanna a's glasraidh cóirighthe, riartha ann: niamhracht: taithneamhacht. A ghleóiteacht agus thaidhbhsigheann do bhróga anois nuair táid smeartha, gléasta seachas cheana nuair bhíodar salach, barcach: glaine a's snastacht. A ghleóiteacht a's chuir sé an pheil i mbáide lé cleas ceart: a néatacht: pras, glic gan útamáil. Gleóiteacht! tá sé id chois: taithneamh agam don tslighe do rinncir, etc. A ghleóiteacht a's atá gach aon rud riartha sa chisdinn aice: gach rud i dtreó a thaithneóchadh leis an súil.

gleóthail: *b.3.* do dhéanamh glóir; mionobair; (iol.) adhlainnidhe; oireamhaintidhe. Bíonn an oiread gleóthála aige gur dhóigh leat air go ndéanfadh sé an deamhan 'sa mháthair: oiread glóir a's cainnte. Gleóthail an domhain uile bíonn ar an dtráigh seo ge lucht snámha sa tsaosúr: dul trí chéile a's clismirt. Cé ná bíonn obair sheasamhach aige bíonn gleóthail éigin ar siubhal aige a choimeádas 'n-a bheathaidh é: mionobair: gnóth beag anois a's airís. An oiread san gleóthálacha lé teachtaire agam gur duadh dhom cuimhneamh ar a leath: beartáin teachtaireachta. Cuir tharat na gleóthálacha san a's dein slighe dhuit féin chun na teine: potaidhe, corcáin etc. Go deó ní dhéanfair aon ghnóth 'n-a cheart, tá an iomad gleóthálach tairngthe agat ort féin: iomad iarnaidhe sa teine in aonfheacht. Cuir uait an ghleóthail a's dein an bheart go tapaidh: an útamáil: an dúmas go bhfuil rud éigin dhá dhéanamh agat. Tugann an deoch gleóthail an domhain do dhuine: breis dá chuid cainnte. Cad iad na gleóthálacha atá ag baint leis an inneall so: oireamhaintidhe.

gleóthálaidhe: *f.4.* duine a bhíos ag útamáil ar a dhícheall leis gach aon nidh: scaothaire. Dhe, an t-aindeiseóir, gleóthálaidhe maith seadh é, bíonn sé ar a dhá dhícheall chun an tsaoghail: útamálaidhe. I dtigh tábhairne nó ar pháirc imeartha sé gleóthálaidhe is mó b'fhéidir leat do chlos é, cad air ná tráchtann sé, a's cé is fearr 'ná é?: scaothaire: bladhgaire.

glib: *b.2.* loca beag aonair ar silleadh; folt neamhréidh (ag imtheacht do féin); folt fada scaoilte. Is tu an cailín gan chrích a's 'sí sin glib atá ort .i. foillsigheann neamhghleóiteacht t'fhuilt go bhfuilir míochúramach. Cíor, raca ná scuab ní réidhteochadh an ghlib atá air, budh dhóigh leat gur rud fiadhain é: gruaig ag imtheacht lé haer an tsaoghail.

glibín: *b.4.* gruaig fhada, achrannach; dual sillte; duine neamhghasta. Cíor siar an ghlibín a's ná bíodh sí ag dul isteach id shúil: dlaoi fáin. Ní foláir nó tá an duine bocht amach a's amach, níl glibín éadaigh air: luid. Glibín gur cuma léithe salachar ar árus nó ar éadach sa tigh aice: bean neamhghasta, neamhchríochnamhail. In ainm Dé, beartuigh suas do chuid éadaigh ort féin a's ná bí ag imtheacht id ghlibín: neamhthriopallach, neamhghasta.

glic: *a.* cliste, gaoismhear, meabhrach, seanchríonna, géarchúiseach, inntleamhail, gasta. Ní fheadraís connus mar do chuirfeadh seisean an ball ort, tá sé chómh glic leis an mada ruadh féin: cliste ar chuimhneamh ar chleasaibh. Ní hé sin cuma 'n-ar cheart san do cheangal ná scaoilfeadh, bí glic a's dein mar seo é, a's beidh do-scaoilte: inntleamhail. Bí glic a's saothruigh do chuid airgid i gcóir deiridh do shaoghail a's ná bí bog,

scaipightheach: bí ciallmhar. Ró-ghlic do bhí sé ar dtúis, ag brath ar gach aonne rud do thabhairt do, ach éirigheadh tuirseach de a's ní bhfaigheann nád anois: cleasaidheacht chun rud do ghnóthughadh. Tá sé an-ghlic ar chártaidhe d'imirt: eolgaiseach ar gach cleas a bhaineas leó. Dá fhaid do chaitheas ag faire ar an gcleas ní glioca anois 'ná riamh mé: níl aon bhreis eolais agam air thar mar bhí. Dar leis an aos óg atá anois againn go bhfuilid árd-ghlic: breis eolais ag baint leó ar chúrsaidhibh go raibh an ghlúin aosta dall ortha. Tugadh bata a's bóthar do, bhí sé ró-ghlic lé n-a mhéireannaibh: bhíodh sé ag fuadach 'sag ganfhiosaidheacht leó. An té ná bíonn láidir ní foláir do bheith glic: is éigean do a thriall do bheith ar sheift éigin chun a chúrsa do chur i gcrích.

glice: *b.4.* clisteacht, seanchrínneacht, géarchúis, gastacht, inntleamhlacht. Lé n-a ghlice a's ní lé n-a fheabhas d'fhear do leag sé me, chuir sé cor coise fúm: cleasaidheacht neamhcheart. Glice an mhada ruaidh id cheann istigh ní bheidh aon chóstáil agam leat, bheinn thíos leis: géire fartha chun a bhaile féin. Faid bhíteá-sa ag caitheamh do choda go neamhaireach bhíodh seisean lé n-a ghlice ghá chur i dtaisce: seanchrínneacht: gaois chinn i gcóir an lae chruaidh. Is beag rud ná go bhfuil glice lé n-a dhéanamh i gceart: ceárd inntleamhail. Lé n-a ghlice chun glas a's daingean do réabadh d'éaluigheadh sé as gach príosún: barr meabhraidheachta.

gligín: *f.4.* gliogaire, duine gan stuaim, gan fód; duine aerach, neamhfhuaimeantamhail. Nuair bhíonn braon caithte aige bíonn sé 'n-a ghligín, ag cainnt go hait: gan fuaimeant. Gligín capaill seadh é, a thógfadh sceit ó éan: capall neamhshocair. Gligínidhe gan aon deallramh gan dá thaidhbhreamh dóibh ach rinnce a's scléip: dream gan fód. Déanfair gligín díot féin má choimeádair ceann cuinge lé duine ait mar é sin: amadán gleóidh. Ná creid focal do chúm Dia ón ngligín sin: duine a ghlacas 'n-a fhírinne gach ráfla do chloiseann sé. Ní fhéadfadh an gligín múinteora san aon leanbh do mhúineadh: duine a bhíos ag síorchainnt a's gan bun ná deallramh leis.

glinn: *a.* glan, léir, solasmhar, soiléasta. Uisce chómh glinn leis sin gur ar éigean do thabharfá fé ndeara sa ghloine é ní fhéadfadh gan é bheith go maith: gan salachar agus solasmhar. Fear ann gur leasainm do "Coilidhe" a bhí chómh glinn-radharcach san go gcomhairigheadh sé caoire ar oileán sé míle ón míntír: géar, glanradharcach.

glinne: *f.4.* an fráma adhmaid go gcastar daradha iascaigh air.

glinneáil: *b.3.* do chasadh daradha ar an nglinne. Bímís ag glinneáil ós rud é ná fuil aon bhreith ar iasc: ag tarrac ár ndairidhe isteach a's ghá gcasadh ar na glinnidhibh. Is mithid dúinn bheith ag glinneáil 'sag triall abhaile tá sé ag druideam lé déidheannaighe: ag réidhteach chun bóthair. Cad í an ghlinneáil atá annsan ort?: an útamáil nách léir dom.

glinneálaim: *b.a. 7 n-a.* tochrais daradha (ar an nglinne); ullamhuighim chun gluaiste. Glinneálaimís, níl ach díomhaointeas bheith ag iascach annso: tochraimís ár ndairithe. Glinneálfad anois: tiargabhálfad a's gluaisfead chun bealaigh.

glinneamhaint: *b.3.* géar-scrúdughadh súl; cruinndearcadh. Tóg aghaidh do chaoraidheachta dhíom-sa, ní maith liom tú bheith ag glinneamhaint orm mar sin go

mórmhór spéaclaidhe ort: ag dearcadh go cruinn, cómhnaidhtheach. Leis an mianach atá ann tugann sé an lá ag glinneamhaint ar bhruach na bhfaillteach chun farraige amach ag faire raice: ag síoramharc go géar. Chómh luath agus d'airigh an torann aniar tháinig glinneamhaint 'n-a shúil de phreib: lasadh go raibh sí ar aire go beódha.

gliobach: *a.* go bhfolt gan cíoradh gan réidhteach; fuairtheách; n-a straoill. Ní cás do go deimhin do bheith ag lochtughadh chách i dtaobh a ngnótha, a's gan neach, ní ghá chasadh leis é, chómh gliobach leis féin: neamhghasta: neamhchríochnamhail. Tabhair clódh éigin ar an gceann gliobach san ort, do chuid gruaige ag imtheacht lé haer an tsaoghail, tabhair cíor do: neamhthriopallach: neamhghastach. Gadhar mór gliobach: fionnadh-chas, mothallach.

gliobóg: *b.2.* bean nó cailín go mbíonn folt gliobach uirthe; baineannach neamhghasta. Gliobóg gan tionnscal ná cuireann aon rud i gcrích a's a fhágas ar bóiléagar iad: fuairtheach: gan críochnughadh ná glaine.

gliocacht: *b.3.* clisteacht, meabhraidheacht, inntleamhlacht, gastacht, géarchúis, gaois, tuigse. Bíodh gliocacht ag baint leat, fair mar bítear leat a's ná habair faic a bhéarfadh i dtreis thu: aireach, braithteach. A ghliocacht a thiocfair as an aimléis seo gan daoine eile do chur i dtreis is fearrdide thu é: an tslighe chliste gan amhras d'fhágaint ort. Gliocacht an mhada ruaidh ní shaorfadh anois é, tá sé ró-dhoimhin i dtreis: chómh mór san in achrann ann gur lé clisteacht cheart do thiocfadh as. Ní mór do dhuine gliocacht múinteoireachta chun bheith 'n-a oide mhaith: níl an tréith nó an bheith sin ó bhun aige. Ní gan gliocacht a éaluigheann bád fé thuinn trí leirgidhibh pléasclach a's luingeas feighle: inntleamhlacht a fóirne. Gliocacht na hoibre seo níl ar eolas agam a's caithfead éirghe aiste: gaois: cumas meabhraidheachta: an t-eólas is gábhadh.

gliocas: *f.1.* meabhraidheacht; cleas cliste; clisteacht; gaois; lúbaireacht. Is treise gliocas 'ná neart: is fearr slighe eólgaiseach ar rud do dhéanamh 'ná dá mhéid nirt do caithfí amugha air. Tá gliocas air: slighe chliste. Nách mór an gliocas bád beag fé n-a culaithirt do chur isteach i mbuidéal!: inntleamhlacht: mórbheartaidheacht i gcuimhneamh: cumas a's eólas i gceapadh. Arsa fear na gcleas, "meallann gliocas na láimhe an tsúil": beartaidheacht nách léir don lucht féachta. D'éist sé a bhéal lé gliocas ó b'eól do gur mhisdide é oiread a's focal do labhairt ar a shon féin: géarchúis i rud a bheadh rómhainn. Na fichididhe rud a dheineadh ár sinnsear gan triall do bheith ar cheárdaidhe ní fhéadfadh puinn atá suas anois do dhéanamh, níl an gliocas céadna ionta: an mheabhraidheacht chinn. Duine gan gliocas: réidhchúiseach: saonta. "Má dhearmhadaim tusa, a Iurasailim, dearmhadadh mo lámh dheas a gliocas" (Sailm CXXXVII. 5): a heólas ar bheart do dhéanamh. Is mór an gliocas eiteallán do dhéanamh: meabhraidheacht chuimhnte.

gliocughadh: *f.* (*-uighthe*) d'fhéachaint go cruinn, géar; amharc. Ar m'aire dhom i rith na hoidhche fada, fliche gur shaoileas ná béarfadh gliocughadh an lae choidhche orm: breacadh: an chéad amharc. Tá an radharc lag aige, sin é fáth go mbíonn sé ag gliocughadh: ag infhiucadh gach nidh go géar.

gliocuighim: *b. n-a.* dearcaim go caol, géar lé caoraidheacht nó lé haireachas. Má ghliocuighir isteach trím fhuinneóig níos sia caithfead urchar leat, cad tá uait a fhagháil amach?: má fhéachair go cruinn, géar neambéasach. Gliocuigh 'on tseómra d'fhéachaint an bhfeicfeá an té atá uait: tabhair amharc scrúduightheach air.

gliog: *f.1.* glór pras éadtrom, bog mar dhéanfadh an teanga ar chabha an bhéil; plub; cliotar; glug; bréagán leinbh go mbíonn púróga nó rudaidhe cruadha a ghníos glór nuair suaidhtear i gcoinnibh a chéile iad; duine ar bheagán éifeachta. Baintear gliog as an gcóifrín nuair croithtear na díslidhe ann: glór cruaidh, géar. Cuala gliog laiste an dorais ar ar thuiteam do tréis árduighthe: an chnag bheag chruaidh ar bhualadh dhá iarainn ar a chéile. An lá ar fad bíonn gliog gleag aice a's ná feadair sé féin ná aonne eile cad bhíonn ar siubhal aice leath a saoghail: a glór gan éifeacht: an teanga ag bualadh léi ar dalladh. Gliog an-lag atá ag teacht as an gclog, tá a ghnóth déanta is baoghalach: glóirin. Is aoibhinn leis an leanbh a ghliog do chrothadh mar taithnigheann a ghlór leis: a bhréagán. Sin é gliog an bháis 'n-a scórnaigh: glothar.

gliogaire: *f.4.* cainnteóir gan éifeacht, duine gan fód gan fuaimeant; aon rud a ghníos glór neambinn. Aonne ach gliogaire ní thabharfadh a thuairm ar chúrsa ná beadh eólas aige air: duine go mbíonn a theanga ró-luath dá inchinn. Éistidh leis an ngliogaire ag maoidheamh as cad ná déanfadh sé a's gan déanamh leinbh ann: bladhgaire gan éifeacht. Gliogaire capaill é sin agat go gcuirfeadh a scáth eagla air: ruathaire: ainmhidhe guairneánach. Tá sé n-a ghliogaire ag an ól: deineann a's deir rudaidhe aite ná bíonn aon fhuaimeant leó. Ceann an ghliogaire atá air: ná deineann machtnamh ná breithniughadh ar rud roim labhairt. Trucaill gan fáscadh í atá imthighthe 'n-a gliogaire: na máillidhe ar bogadh innte, í ag lúbadh 'sag luascadh, a's gíoscán aice. Ná bí ag cor do chainnte leis, a's ag déanamh gliogaire dhíot féin leis: glaigín: bheith ag cainnt lé duine ná déanfadh do labhartha aon mhaith dho. Gliogaire nadhbhóige: nadhbhóg ró-bhaoth a's a bhíos do shíor ag luascadh.

gliogaireacht: *b.3.* cainnt bhaoth; greimisc; rudaidhe taidhbhse; éagconntacht; iomchar ait. Cuir uait! ní haon áit do ghliogaireacht ar bholg na farraige: iomchar ait a chuirfeadh daoine i gconntabhairt a mbeatha. Cuirimís uainn gliogaireacht a's deinimís rud éigin: cainnt gan bhun. Nuair dheineann duine rud ait gan chall nó nuair éirigheann rud dob fhéidir do sheachaint lé haire a's bunadhas, deirtear, "ní raibh cao ge n-a chuid gliogaireachta air" .i. b'é a dhán súd tárlachtaint trí aiteas gnímh. Suidh, tá do dhóthain gliogaireachta deanta anois agat: go leór ráiméise. Níl sa stocaidhe síoda so a's na huaireadóiridhe righe ach fíor-ghliogaireacht: taidhbhse gan mhaitheas. Mhuise, geallaim duit ná rabhamair ag táinseamh ar aonne ach ag gliogaireacht eadrainn féin: ag déanamh fastaomach. Gliogaireacht d'fhear gan eólas bheith d'iarraidh ceann cuinge do chongbháil lé fear eolais: aiteas.

gliogairnéis: *b.2.* cainnt bhaoth; glór follamh mar dhéanfadh stán; rudaidhe beag-luach. A bhfuil de ghliogairnéis id cheann gan oiread a's smaoineamh maith: aiteas. An rud is lugha riamh ná cuirfeadh puinn nath ann deineann sé gliogairnéis air: mórchuid chainnte gan deallramh. Buachaill ait é sin ní fheadair aonne ach a mbailigheann sé de ghliogairnéis síos n-a phóca: mórchuid rud trí chéile. Bailigh na gliogairnéisidhe sin den

úrlár as do shlighe: rudaidhe ná fuil cúram díobh a's atá sa tslighe ort. "An bhfuil aon rud ar throscán an tighe dob fhiú cheannach?" – "níl, gliogairnéis ar fad": rudaidhe gan tairbhe. Rinnce nó cad é bhí ar siubhal sa tigh seo amuigh airéir go raibh an ghliogairnéis ar fad ann?: glór neambinn.

gliogar: *f.1.* glór, glór balbh, baothchainnt; ráiméis; bladhmadh. Néal den oidhche níor leig gliogar na rúcach sa ghoirín (garrán) orm: glór garg. Maidean Dhomhnaigh chloisfeá gliogar na gclog dhá mbualadh sa teampallaibh: fuaim bhloscach. Focal den ngliogar atá aige ní thuigim, cad é an saghas teangan atá aige in ao'chor?: ráiméis ná tuigim. Ní bítear ródheimhnightheach dá scríobhann sé, dar lé mórán. Tá cnag ann in áit éigin ar an ngliogar atá aige: glór balbh ná beadh dá mbeadh slán.

gliogram: *f.1.* glór cruaidh; glór gan éifeacht. Ní rinnce atá agat ach gliogram cos: gliogarnach. Ní chuirim aon éifeacht i scéal mar é sin ná fuil tacaidheacht leis, ní dheinim de ach gliogram: cainnt nách cóir cluas éisteachta do thabhairt do. Ní deintear dá chuid cainnte ach gliogram, mar choidhche ní bhíonn aon fhuaimeant leis: ráfláil gur cuma leis cad deir sé.

glionndar: *f.1.* áthas; taithneamh croidhe. Cuireann an ghleadhrach teine sin glionndar ar mo chroidhe oidhche fhuar mar í sin: cuireann éirghe croidhe orm. Deoch mhaith a chuirfeadh glionndar ort nuair bheadh creathadh fuachta ort, rum: a mhisneóchadh do mheanma. Glionndar a gcroidhe ar mhuinntir na háite gur éirigh leat chómh maith: luthgháir i dtaobh do thairbhe.

glioscarnach: *b.2.* drithliughadh do chaitheamh athsholais: eibhliughadh: deallrughadh: lasadh súl, reithlín etc. Cuireadh an oiread san feirge air go raibh na súile ag glioscarnaigh istigh 'n-a cheann: ar lasadh lé caise. Dar leat gur chómhartha báistighe glioscarnach na réilthínidhe: iad do bheith ar lasadh 'sag caitheamh solais: drithliughadh. Bíonn glioscarnach i gcloich scáil fé thaithneamh na gréine: lonnradh spréacharnach: solas ag rinnce uirthe. Lannsa na scine chómh geal glé sinn go raibh glioscarnach innte fén solas: lonnradh: mar bheadh solas ag imtheacht uaithe.

gliosmairt: *b.3.* glor siosarnach. Tá an citeal ag gliosmairt a's na builg dhá shéideadh: an glór a thagas ón uisce nuair bhíonn ag fliuchaidh (fiuchadh). I gcath na Frainnce a's na Beilge bhí gliosmairt ag gunnaidhibh beag a's mór: ag greadadh teine a's an glór a leanas é ag stealladh as a mbéalaibh.

glisiam: *f.1.* mórán glór i ndalladh a chéile; glór íseal cómhnaidhtheach; cainnt mar bheadh ag scata ná féadfá do thabhairt chun chruinnis nó do dhealughadh. Chualaidh sé an glisiam ar fad thíos sa ghleann a's dá méid iarracht do thug sé ar an gcainnt do thabhairt leis chuaidh de: fuaim mhearuighthe. An glisiam a bhíos ag luchaigh ar an lochta san ist oidhche: fuaim a gcos a's a ngíoscadh, 'sa mionscreadach. Tá a fhios agam ar an nglisiam a bhí aca, cé nár thugas focal de liom, ná rabhadar róbhuidheach dá chéile: cainnt íseal go raibh a fuaim neamhshoiléir. Budh bhreágh leis an iascaire glisiam an éisc ag dul 'n-a líontaibh: an chlibirt ghlóir ar bhualadh na mogall. Glisiam is mó a bhíos aige,

níor airigheas riamh go ndeárna sé faic gur bh'fhiú trácht air: cainnt ná leanann í ach glór amháin.

glitis: *b.2.* bean a chaitheas a haimsir ag comhchainnt gan bunadhas. Bheadh an ghlitis sin i dtigh na gcómharsan ag suainseán i rith an lae gan aon chuimhneamh aice ar a teinteán féin: bean chúlchainnte.

gliúc: *f.3.* féachaint chruinn, ghéar. Thug sé gliúc orm sa chaochsholas d'fhéachaint cé a bhí aige: féachaint mhaith, láidir. Gliúc leasainm ar dhuine a bheadh ag féachaint fé mar bheadh an radharc go lag aige.

gliúcach: *f.1.* duine gan radharc róchruinn aige; meathalóir práta, ubhaill etc. Dá mbeadh cainnt ag an leabhar, a ghliúcaigh, labharfadh sé leat! ná feicir ag baint na súl asat é: duine caochshúileach. Cad é an stealla-fhéachaint atá agat-sa sa bhfuinneóig sin, nách tú an gliúcach: duine gur mhian leis, a's gan chóir nó gnóth aige, gach aon rud d'infhiúchadh. Ó chuaidh aol fé n-a shúilibh tá 'n-a ghliúcach riamh ó shoin: dalla-chaoch. Gliúcach gach aon ubhall ar do bhórd, a bhean, níl toirt m'órdóige ionta: meathalóiridhe. Á, is mór mar deineadh gliúcach de nuair cuireadh an raga capaill sin air 'n-a chapall mhaith: amadán ná féadfadh a bhotún do bhreithniughadh. Im ghliúcach cheart do bhíos sa doircheacht ná feadar cá gcuirfinn mo chos: mar duine dall bheadh d'iarraidh eólais na slighe do dhéanamh do féin.

gliúcaidheacht: *b.3.* do-mheabhraidheacht (roim); cruinn-amharcadh. Is gránda an béas duit bheith ag gliúcaidheacht id thímcheall i dtigh deóranta, mar bheifeá ag meádh a's ag meas na háite: ag géar-infhiúchadh lé fiosracht. An lá ar fad, nách mór an mianach farraige atá ann, caitheann ag gliúcaidheacht amach chun mara: ag síorfhéachaint uaidh lé hionchas go bhfeicfeadh rud éigin suaithinseach. Cuireadh an dlighe air i dtaobh bheith ag gliúcaidheacht ar scáth puirt ar lucht snámha: ag fairghís go foluightheach.

gliúcalaidhe: *f.4.* duine a bhíos ag fairghis go foluightheach nó go cruinn lé caoraidheacht, nó ná bíonn an radharc go cruinn aige. An gliúcalaidhe, ní bhainfidh sé an tigh choidhche amach sa doircheacht so: duine a bhíos ag brath 'sag meabhraidheacht roimis d'iarraidh eolais do dhéanamh. A ghliúcalaidhe, cad é an tubaist atá ort go leagair gach rud a bhíos id bhealach: duine neamh-chruinnradharcach. Ní raghadh a lithéid uait, a ghliúcalaidhe, gan bheith d'iarraidh féachaint ann go mbeadh a fhios agat cad tá ann: duine a bhíos ag cruinn-amharc i ngach treó ar iarraidh feasa.

gliúcghail: *b.3.* géar-infhiúchadh; do bheith ag dearcadh go cómhnaidhtheach. Dá mhéid gliúcghala do dheineas d'iarraidh ceann an daradha do bhreithniughadh tríd an achrann do chuaidh dhíom: féachaint a's scrúdughadh súl. Cad é an ghliúcghail atá agat orm-sa, budh dhóigh lé duine ort gur próiseas do bhí agat chugham: fairghis: bheith ghom bhreithniughadh go dian. Cad é an ghliúcghail atá agat air ach é do thógaint nó d'fhágaint id dhiaidh: scrúdughadh ná taidhbhsigheann ceart.

gliúcuighim: *b. n-a.* dearcaim go cruinn, breithnightheach (ar). Gliúcuigh, a bhean mhaith, i ngach fuinneóig go bhfuil hataidhe gleóite innte sa tsráid seo, an fhaid a's tá

agat dhá dhéanamh anois a's caithfir seachtmhain innte: féach go fada, cruinn, scrúduightheach. Gliúcuigh thart tímcheall annsan ar an dtalamh d'fhéachaint an bhfaghfá an biorán a thuit uaim: féach go géar, cruinn i ngach treó.

gliúmáil: *b.3.* máineáil; mallghluaiseacht; meilt aimsire; do chasadh go mall leadaránach lé hobair, etc. Choidhche ní cuirfear an dlighe air as an iomad siubhail do dhéanamh, ní bhíonn ach ag gliúmáil leis gan deithneas: ag máineáil: ag triall gan fuadar. Ambasa dá aosta é bíonn sé ag gliúmáil oibre fós tímcheall an tighe: ag casadh lé beagán do dhéanamh. Cad í an mháchail atá ar an radharc aige, dá mbeadh sé ag gliúmáil ó shoin ní fheicfeadh sé faic: ag dearcadh chómh géar, cruinn a's d'fhéadfadh. Lé n-a chuid gliúmála dho do bhailigh sé leis a raibh d'airgead ar an gconntabhairt faid a's bhí sé ag tabhairt chainnte do n-a raibh tímcheall air: gleacaidheacht shleamhain: geámaidhe mealltacha.

gliúmálaidhe: *f.4.* duine a bhíos ag géardhearcadh i gcúrsaidhibh ná baineann leis: duine a bhíos d'iarraidh rudaidhe thar a thuigsint nó a chumas do dhéanamh: duine a théidheas i leith neamhthuiseachta mar dheadh. Á! a bharránaigh, is tú an gliúmálaidhe, ní thabharfá freagra cruinn ar an gceist, ag leigeant ort ná fuil aon eolas agat ar cad tá i dtreis: seachanta, glic-aireach. Saor gan saoirseacht seadh é, níl ann ach gliúmálaidhe fear a bhíos d'iarraidh bearta do dhéanamh gan eolas cruinn a déanta aige. A ghliúmálaidhe ná bí d'iarraidh aon rud atá annsan do bhreith leat ar scáth bheith ag féachaint ortha a's ghá suimiughadh: sleamhnánaidhe i gclódh duine mhacánta. Gliúmálaidhe ag freastal siopa seadh é, ní bheadh friothálta aige ar aonne amháin faid bheadh duine eile ag friotháilt ar chúigear: duine righin, mall, míothapaidh ná tagann obair go saoráideach air.

glogáil: (**glogghail**) *b.3.* glór bog mar ghníos uisce ar n-a chorruighe. Tá an oiread san dúilidheachta uisce sa talamh go gcloisfeá ag glogáil féd chois é a's tú ag siubhal ann: glór bog nuair fháisceann meádhachtaint do chuirp as an dtalamh é. Bhí an bád chómh doimhin sin lé hualach go raibh an t-uisce ag glogáil de dhruim na gunalach: glór bog aige ag silleadh isteach innte. Chuala na géadhanna ag glogáil, a's d'aithnigheas láithreach bonn gur bh'é mo bhuachaill an mada ruadh a bhí ar a dtóir: ag déanamh glórtha meara dréir a nádúra.

gloine: *b.4.* adhbhar cruaidh, briosc, glinn nó gleóir, gloine óil, plána. Gloine: árus óil déanta de ghoile: scáthán. Bíodh gloine bheorach agat. Oiread a's lán na gloine níor ól sé riamh .i. duine measardha seadh é. Is éigean dom gloinidhe do chaitheamh lé laige mo radhairce ag léigheamh dom: spéaclaidhe. Féach trísna gloinidhibh seo chídhfeá go soiléir nidhthe i bhfad uait leó: úirlis súl chun dearctha ar rudaidhibh i gcian. Féach sa ghloine a's chídhfir an crot gránda atá ort: scáthán. Ag diughadh na ngloinidhe: ag ól go trom. Meas sprionnlaithe i gcuideachtain é, riamh ní fheaca cúbhrán ar a ghloine: ag glaodhach dighe. Ar nós na gloine atá an fharraige indiugh: tá an plána uirthe: sleamhain, mín gan corruighe. Agus ar mbeith dhúinn uile gan folach ar ár n-aghaidh ag féachaint ghlóire an Tighearna amhail [do bheadh] i scáthán" (2. Coir. 3. XVIII). Tá an fhuil ar fad i ndísc 'n-a cheannaghthaibh, tá sé ar nós na gloine - ní mór ná go bhfeicfeá tríd: an-lom, caithte. Cnámha ar nós na gloine aige, seachain, ná tabhair aon ósbairt dóibh: briosc:

soibhriste. Gloine shlán; leath-ghloine (beathuisce); lán dhá ghloine bhainne; gloine na fuinneóige; gloine lampa (lóchrann).

glóir: (**glóire**) *b.2. 7 4.* árdréim, mórdhacht, áilne a's aoibhneas go mórmhór súd a bhíos ortha ar neamh; síorraidheacht neimhe; taidhbhse; poimp; clú; iomrádh; iomna molta. Glóir do Dhia, nách taithneamhach an radharc é: moladh go hárd leis. A Dhia na glóire, éist lém ghearán: a Dhia na mórdhachta a's na n-iongtas. Glóir do Dhia ins na hárdaibh: sármholadh dho. "Cuid den ghlóir an glanachar": an té a bhíos glan 'n-a mheón a's n-a bhéasaibh tabharthas ó Dhia dho é. Go dtugaidh Dia glóire na bhflaitheas duit a's dein comaoin do chur orm: sár-aoibhneas síorraidhe dot anam. "Glóir do Dhia, cad d'éirigh duit?" deirtear lé hiongadh. "Óir tá an uile fheóil mar an bhféar agus an uile ghlóir dhaonna mar bhláth an fhéir. Searguigheann an féar agus tuiteann an bhláth dhe" (1. Peadar I. 24): árd-réim. Dá bhfaghainn an glóir ní fhéadfainn an fheóil d'itheadh bhí sí chómh dona san: an bheatha síorraidhe ar neamh. Deirtear so lé rud a théidheas de dhuine dá mhéid iarracht nó misneach a chuireann roimis. "Gidh deirim-se libh ná raibh Solamh féin, go n-a uile-ghlóir, ar n-a éadughadh mar aon díobh so" (Matha VI. 29): uaill: mórdhacht. I gcaitheamh na glóire ní bhuadhfá air, tá sé ró-mhaith dhuit ar gach cuma go dtí ambáireach: choidhche! choidhche: faid a's bheidh saoghal 'n-a shaoghal. Tugaimís glóir do Dhia ar son a thabhartaisidhe: árd-mholadh a's mór-mheas. Glóir na maidne bhainfeadh an smúit den gcroidhe budh dhuairce: aoibhneas na dúlraidhe. "Treóróchaidh tu me léd chómhairle agus 'n-a dhiaidh san gheóbhfaidh tu chughat i nglóir me" (Sailm LXXIII. 24): fíor-aoibhneas neimhe. Ná bíodh súil lé haon ghlóir agat as a ndeárnais, mar nách fiú a ainmniughadh: árdmheas: clú. "Agus thug sí Iochabód d'ainm ar an leanbh ghá rádh, d'imthigh an ghlóir ó Iosrael de chionn gur gabhadh áirc Dé agus ar son a cleamhna agus a fir" (1. Sam. IV. 21): a céim 'sa mórchlú. Tá an ghlóir agat a's do thigín féin a bheith agat gan neach chughat ná uait, ag cur isteach ná amach ort: tá sonas ceart agat. Glóir díomhaoin ionmhas an tsaoghail seo: ní marthanach a ré.

glóir-: (**glór-**) *i gc.fh.* mórdhacht, árdchéim, réim. Is fé Hitlear a bheadh an ghlóir-réim dá ngluaiseadh go buacach trí shráideannaibh Lonndain: an borradh mórdhachta a's aoibhneas croidhe. Ghluaiseadar 'n-a slóighthibh go glóir-réimeach fé n-a néididhibh gléasmhara ar a gcapallaibh folaidheachta trí gheataidhibh na cathrach a thuit lé neart a n-airm: go buacach, taidhbhseach, ard-cheannach. Dá mbudh me thú, ní bheinn ag glóir-mhaoidheamh asam féin, cuimhnigh go bhfaightear gach laoch in aisce: ag teann-labhairt tar meón. Ar an aithris is breághtha do chuala riamh, ní baoghal ná go bhfuil glóir-innsint déanta air: é innste go hiongtach ar fad.

glóirighim: *b.a.* adhraim, árd-mholaim; móruighim go hárd. Ameasc na n-anamach atá glóirighthe ar neamh gur b'é do stáitse déidheannach é: suidhte in aoibhneas. "Dia Ábrathaim, agus Iosáic agus Iacóib, Dia ár n-athair-ne do ghlóirigh Sé a mhac féin Íosa noch do bhraitheabhair-se, agus do shéanabhair-se i bhfiadhnaise Phíoláit an t-am do rug sé bhreith a scaoileadh" (Gníomhartha III. 13): d'árduigh go hárd-chéimeach ar neamh é.

glóiriughadh: *f.* (*-iuighthe*) d'árdmholadh; do thabhairt ómósa a's breis mheasa dho. Ag síor-phaidireóireacht, dá mbudh ag gabháil an bóthar é, ag glóiriughadh Dé: ag tabhairt

molta ó chroidhe go dúthrachtach leis. Ameasc na naomh a's na bhfíreán ar neamh ag glóiriughadh ainm Dé do shíor: ag canadh a mholta.

glór: *f.1.* fuaim, torann, úrlabhra, guth. Níor réidhtigheas leis in ao'chor, níor thaithneamh leis mo ghlór i dtaobh a chuid poilitidheachta: mo thuairmidhe agus an tslighe thagras iad. "Is iomdha glór díomhaoin id cheann" deirtear lé duine a bheadh ag tagairt do rudaidhibh seafóideacha nó nár bh'fhéidir do dhéanamh nó a thairngeóchadh rudaidhe neamhthairbheacha air féin le barr díomhaointis. "Éist lé glór na habhann a's gheóbhair breac": fuaim .i. ná cuir aon chlódh déanta rud ort féin ach bheith ag feitheamh lé cao ná tagann chun críche. "Éist, a ghlór i gcóitín!" deirtear le leanbh nó duine beag go mbeadh breis chainnte aige nó bheadh deiliúsach. Bainfidh súd glór asat maidir lé crústáil bhinn do thabhairt do: bualadh trom a cloisfí. Rachfam 'on Daingean ambáireach a's beidh glór ag teacht againn: cuirfeam ár dteacht in iúil lé hamhrán, lé béiceach nó rud éigin a cloisfear go maith. Glór gunna: blosc: fuaim thapaidh ghéar. Dhearbhóchadh sé go gcuala sé glór bróg cé ná feacaidh sé neach beó: troist. Ní chuirfeadh sé aon iongadh orm dá mbeadh a lá istigh, níl aon ghlór indiugh as: é bheith gan aon mhisneach chun cainnte. Budh cheart duit tú féin do chlutharughadh tá glór an tslaghdáin agat: ciachán: an mothughadh a leanas an suathadh a deintear ar lúthaibh na héisteachta. Bhí leitir ar an bpáipéar indé uaidh, is fada roime sin gur chuir sé aon ghlór as: gur chuir sé é féin in iúil. Dá n-éistightheá lé glór do mháthar ní bheadh an aimléis seo indiugh ort: cómhairle. Árduigh do ghlór nó ní chloisfidh tú, tá an clos go holc aige: guth. Is fada go raibh aon tur ar a ghlór, ní éistigheann árd ná íseal leis: ar a ráidhtibh: cómhairle: iarratas. B'shiúd é an fear gurbh aoibhinn leat bheith ag éisteacht leis, go mbíodh na glórtha binne aige: ráidhte a's canamhainidhe. Tiocfaidh glór as an gcogadh so fós níos measa ná riamh: buadhairt a's iomard ar lorg. Ná faghaim glór asat!: oiread a's focal. Glór follamh ag soitheach follamh: fuaim gan torainn. Ná déin a thuilleadh glóir de, tá a choisce ráidhte cheana air: a thuilleadh aragail. Is fearrde aonne éisteacht lé glórtha an tseanchais: leis na cainnteannaibh éifeachtamhla atá tagtha anuas chughainn ó n-ár sinnsear. Glór a bhéil féin is é é: focal ar fhocal. Ní hé an té is mó glór is mó gníomh: an té is mó cainnt ní hé is fearr chun ruda do dhéanamh. Is binn an duine saidhbhir ag déanamh glóir ach is seirbhe ná an searbhán searbh an duine bocht á dhéanamh: ag déanamh fuama neambinn. Chuiris ó ghlór é: chuiris cosc leis 'n-a éisteacht, mharbhuighis, etc. é. An chun glóir a tháinighis-se isteach: chun bheith ag déanamh buaidhrimh. Beidh glór an domhain tímcheall ort le háthas: cainnt, fáiltiughadh a's freastal.

glór-: *i gc.fh.* Daoine árd-ghlórach iad san ó thuit airgead ortha, seal is iad a bhí go beag-ghlórach: blomasach...ciúin. "Connus tá bhur seanduine-se?" – "go beó-ghlórach": aibidh: lán d'anam a's de chainnt. Nách lag-ghlórach ataoi annsan, cad tá ag cur as duit?: scáthmhar, cúthail. Cháin sé a's thug íde na muc a's na madraidhe ar lucht déanta an fhill go tréan-ghlórach: i mbriathraibh daingne bagarthacha. B'é an t-amhránaidhe budh ghlór-bhinne é dá gcuala riamh, chuirfeadh a shéis aoibhneas ar do chroidhe.

glórach: *a.* fuamach, geónach, gleódhach, siosarnach, torannach, gíoscánach, crónánach, gliograch. Ruagadh an lá úd ó scoil me toisc bheith ag cainnt 'sag leagadh rud ar an dtalamh, bhíos ró-ghlórach don mháighistir: an iomad fuama ná raibh binn agam. Bhí an tigh chómh glórach san ná tuigfeá focal, gach aonne ag labhairt in aonfheacht: oiread san

fuama mearuighthe: glisiam bodharaidhe. Níor mhór duit smearadh do chur féd chrann iomchair tá sé ró-ghlórach: gíoscánach: fuaim gharg ag teacht uaidh. Tóg an ciotal so, tá sé ag géir-fhliuchaidh go glórach: siosarnach aige: usmartach, géar. Tá na daoine sa Bheilg agus sa bhFrainnc go glórach leis an ocras ar lorg bídh: ag éigheamh go hárd, truaighmhéileach. Is fada dhom phócaidhibh-se go neamh-ghlórach: gan faic ionta do dhéanfadh gliogar. Is lághach, briosc-ghlórach an bhean í nuair bhíonn sí ag tnúth lé rud: milis-shleamhain. Sruthán suairc-ghlórach ag rith le hais mo thighe: a labhras go gleóite, binn.

glórachán: *f.1.* béiceachán. Glórachán leinbh é sin atá lán de pheataidheachta go mbeidh a shiolla anáirde aice mara mbítear ag déanamh teidhminte uirthe: a ghoileas ar a luighead cúise nó lé corp peataidheachta. Ísligh do ghuth, ní gábhadh dhuit bheith id ghlórachán chun tú do chlos: screadaire.

glórghail: *b.3.* do dhéanamh sians glór; gliongadh. Ní fear bocht tusa fós ach go háirighthe, cloisim glórghail an airgid id phóca: fuaim teangbhála na mbonn ar a chéile. Ná cuir aon tábhacht sa ghlórghail sin id bholg, níl ann ach gaoth: sceonghail. Thug luchaigh an oidhche go léir ag glórghail sa churpad ar thóir bídh: glisiam a's fothram éadtrom cómhnaidhtheach ar siubhal aca. Níl an crúsca follamh fós, tá glórghail ar a thóin: fuaim ag saghas éigin leanna dá dhéanamh ann. Doras gan daingniughadh seadh é, thug sé an oidhche ag glórghail gen ngaoith: ag crothadh 'sag bualadh. D'aithnigheas ar an nglórghail a bhí thíos an staighre go raibh sreathaidhe oidhche ag fogha: fuaim mar bheadh ag teacht as chur rud trí chéile nó bheith d'iarraidh siubhal go haiclidhe.

glórmhar: *a.* clúiteach, árd-chéimeach, áitrighthe. A Mhaighdean ghlórmhar bheannighthe, dein eadarghuidhe dhúinn in am ár riachtanais: árdchéimeach: mórchlúiteach: oirdhearc. Moladh go deo lé Dia nách glórmhar an lá againn é gach nidh ar ár dtoil againn, mar déarfí "bíodh mar sin": go ró-aoibhinn, subháilceach. A Dhia ghórmhair, cad tá déanta as an slighe agam go dtuiteadh an oiread so iomaird orm: go bhfuil sár-oirdhearcas neimhe agat. Cuireann na gníomhartha glórmhara a rinne ár sinnsear ar mhórchuid fód catha mórtas ar ár gcroidhe lé n-a gcródhacht 'sa misneamhlacht: a luadhadh go lúthgáireach.

glóthach: *b.3.* scéitheachtaint frog; dlúmh bhog, ghlogarsach mar deintear de chnámhaibh etc., ar n-a mbeirbhiughadh; toradh ar n-a bhrughadh a's a chóiriughadh: sroma a bhíos le hainmhidhthibh. Tá an bhó ar bruach dárach, tá glóthach léi: sroma liathghlas. Fear gan tapa gan phreab, ná fuil ann ach glóthach: atá bog, aindeis. Ní fhéadfainn an slamán san d'itheadh, cuireann sé glóthach fhrog i gcuimhne dhom: an brughtan toraidh...scéitheachtaint fhrog, etc.

glothar: *f.1.* glór neamhnádurdha sa scórnaigh. Tá a thréimhse caiththe, sin é glothar an bháis aige: srannán: glór duaibhseamhail neambinn.

glotharach: *b.3.* dlúmh bhog, neamhmaiseach, doi-mhianta. Cuireadh an fheóil n-a glotharaigh chughainn a's ní fhéadfadh neach againn féachaint uirthe: bog, drochbhruithte.

glotharnach: *b.3.* fuaim thachtuighthe. An múchadh ghá shíorthuargaint nách mór gur féidir leis labhairt ge glotharnaigh: a ghlór nádúrdha dhá chosc 'n-a scórnaigh. Ní mór ná gur mhairbh an teas sa tíorthaibh lasmuigh é, níor mhaith leat éisteacht leis an gcainnt ghlotharnaighe atá aige: iomard ar a ghuth go dtaidhbhsigheann neamhnádúrdha.

gluaire: *b.4.* glaine, niamhracht. Thógfá mar rogha ameasc ban í lé n-a gluaire: niamhracht (niamhaireacht): taithneamhacht don súil. Féachaint go cruinn ar an ngréin níor bh'fhéidir leat lé n-a gluaire: neart a gile.

gluaineán: *f.1.* clamhsán, giobaireacht; giobadh geabadh. Dá gcuirteá an cnoc sin thall ar an gcnoc so abhfus do, ní shasóchadh é gan bheith ag gluaineán, budh bheag leis é: ag gearán ná raibh a cheart déanta dho. Olc nó maith mar dhéanfadh sé dhi ní bheadh sí sásta gan bheith ag gluaineán air: síorbhuaidhreamh, sclamhaireacht agus gearán. Mheilfeadh gluaineán laetheamhail mianach aon fhir: ciapadh, giobadh. Teanga ghlúineáin aice a bhainfeadh mo mheabhair díom do bheith pósta léi: teanga ná téigheann sos uirthe ach ag giobadh. Tabhair a bhfuil uaidh do d'fhéachaint an gcuirfeadh deireadh lé n-a ghluaineán táim bodhar aige ag lorg: tormas a's gearán.

gluaireánach: *a.* clamhsánach, cnáimhseálach, ciarsán, manránach. An té is gluaireánaighe beó is é é, ní bheadh sásta leis seo ná leis siúd: claon lé locht d'fhagháil. Ní beifí chómh gluaireánach leat dá dtabharfá a cothrom do gach duine, ach maidir le leathchuma ní maith leó é: cnáimhseálach: toramasach ná faigheadh a thuilleadh. Bím ar mo dhícheall ach ní shásuigheann san iad, bíd gluaireánach orm ná deinim a thuilleadh: ag síorchaiseamh mo mhoille.

gluaireánaidhe: *f.* cnáimhseálaidhe; duine a ghearánas go míoshásta, go cannránach, gruamdha. Gluaireánaidhe mná aige ná sásóchadh a thuarasdal ar cheannach éadaigh di í: bean ghearánach, mhiangaiseach. D'fhág sé a bheart toisc gluaireánaidhe saoiste do bheith air: fear nár bh'fhéidir do shásamh a's bhíodh do shíor ag cnáimhseán. Gluaireánaidhe tímcheall bídh a's a chéad rith de gach nidh do chur os a chómhair: duine ná sásóchadh fuar ná te ná sócainidhe é.

gluais: *b.2.* fearas áirighthe; gléas; cuimhneamh; módh áirighthe. Tá gluais ar an ndoras nách féidir a oscailt gan eólas d'fhagháil: fearas rúin. An dubhán 'san baoite ag casadh ar shlochaid an ghluais beartha is fearr do chonnac fós: módh áirighthe: cuimhneamh. An bhfuil aon ghuais dúnta air seo?: tacar: sás: gléas fé leith.

gluaiseacht: *b.3.* do chorruighe, do bheith (chur, dhul) ar siubhal; triall; taisdeal, rith, imtheacht. Ar an ngluaiseacht atá fút annsan lé déidheannaigh ní deirim aonnidh cóir leat, ní thaithnigheann do dheáibreacha in ao'chor liom: ar an gcuma go n-iomcharuighir thu féin. Beag-ghluaiseacht atá im chroidhe-se anois, is fada ó mheidhir ná ó sheódh me: beag-mhothughadh: neamhspreag. Theip mo ghluaiseacht omr: lúth mo chos. Tá gluaiseacht ó mhaidean air: "oibriughadh": scaoilteacht. Is mithid dúinn gluaiseacht, is eagal liom go bhfuilimíd déidheannach cheana féin: imtheacht i gcóir iomchair nó de chois. Chaitheas seal d'iarraidh é do ghluaiseacht liom abhaile ach bogadh ní fhéadfainn

do bhaint as: cur air teacht liom. Tá gluaiseacht ghránda gen gcapall san, tá na cosa deiridh ag scríobadh aige: an t-imtheacht siubhail. Nár bh'áidhbhéil an ghluaiseacht a bhí fúithe gur deineadh ciota fogha den ngluaisteán nuair bhuail i leith a dtosaigh ar an bhfalla: siubhal: luas. Bítí ag spaireacht ar t'uile ghluaiseacht leis an lucht ceannais: gach cor dá dtugtá. Nách maith láidir an ghluaiseacht atá ag an gclog: an corruighe a ghníos na máillidhe ceárdamhla ann. A ghluaiseacht uainn i mbláth a óige budh bhuadhairt linn: a fhagháil bháis. Tuilte (saighdiúiridhe, etc.) ag gluaiseacht: ag teacht go hiomadamhail. Caithfear breis ghluaiseachta do thabhairt don rinnce: treó níos fearr do chur air. Seachain tú féin, tá ag gluaiseacht air: taom feirge ag corruighe ann. Duine a bhíos ag gluaiseacht roimis é sin: ag triall ó áit go háit: fear siubhail. Cuireann an deoch san an fhuil ag gluaiseacht ionam: ag rith níos mire. Díreach a's mé ag gluaiseacht leis do leagadh an t-árus as mo ghlaic: ag tógaint áruis na dighe liom: ag stad de n-a thuilleadh do scaoileadh amach. Bídh ag gluaiseacht libh (oraibh) anois, tá an aimsir caithte: ag bogadh libh chun bóthair. Cad tá ag gluaiseacht ort le déidheannaighe? nílir ghod iomchar féin mar budh ghnáth leat: ag teacht ort: ag goilleamhaint ort. Níl lá dem shaoghal ná go mbíonn an scannradh a fuaireas ag gluaiseacht tríom aigne, ní fheádaim é ruagadh: ag teacht. Deirtear gur ón loch ar an dtaobh eile de chnoc atá an t-uisce sin ag gluaiseacht: ag teacht as. Caithfir gluaiseacht leis an méid sin bídh anois, sin a bhfuil lé fagháil agat: déanamh le. Tá ag gluaiseacht ar an nGearmáin airís lé n-a luingeas aoir: na foghanna ag méadughadh a's ag dul i ngéire. Is fada go bhfuil aonnidh ag gluaiseacht as, is fada i gcosair chró anois é: aon toradh do bheith ag teacht. Aire dhuit! tá do ghluaiseacht ar an ndiall dréir do gheámaidhe: do thriall. An ghluaiseacht óm namhaid an tairsgint seo?: focal ag brath roimis. Táir go mór chun deiridh, dein gluaiseacht: luathuigh.

gluaisim: (**gluaisighim**) *b.a.* $_{7}$ *n-a.* triallaim; téighim ar aghaidh chun cinn; corruighim; bogaim; gabhaim; síolbhuighim; imthighim; tigim. Ghluaiseadar leó dem aindeóin me dá mhéid cos i dteannta do bhí agam: chuireadar orm triall leó. Gluaiseam: bímís ag bogadh ar ár mbealach. Gluaisimís leis anois mar scéal, ní fiú é leath na cainnte atá déanta air: stadaimís. An diall buidhe, ní ghluaiseóchadh ón mbaile mór é, bíonn an oiread san dúlach aige i radharcannaibh na cathrach: chorróchadh as é. Is minic minic do ghluais sé im aigne turus do thabhairt tar lear: do chorruigh sé innte: thagadh smaointe chugham. Is dual do bheith preabamhail, ghluais sé ó dhaoinibh a tháinig roimis a bhí go maith: shíolbhuigh sé: thúirling, phréamuigh. Cé uaidh gur ghluais sé mar smaoineamh – an raibh ciall nó meabhair aige – an caladh san do dhéanamh sa diall áite sin?: gur phréamhuigh sé. Cad as gur ghluaisighis an t-am so d'oidhche?: cad áit d'fhágais. Deirtear gur ó ól dhrochuisce do ghluais an aicíd áir seo: gur dhrochuisce budh bhun léi. Cad ghluais chómh luath so thu?: cad budh bhun léd thriall? Gluais ort, táir an-righin: deifrigh. Gluais ort, táir ag déanamh go binn: lean ar aghaidh ar an imtheacht atá fút. Ní ghluaiseóchad rómhat ná id dhiaidh .i. ní bhead in aon bhóthar leat. Cár ghluais an tseóid?: cad as gur phríomhuigh sí? Gluaiseann ríogaidhe tinnis treasna bhun mo dhroma: ritheann. Níor ghluais fearg riamh air dá mhéid giobadh deintear air: ní tháinig. Go saoraidh Dia sinn! nuair connacthas do go raibh feall déanta air do ghluais air: d'éirigh a chochall: ghlac buile é. Níl an ceann ró-stuidéartha air a's ní hannamh do ghluaiseann air: tagann néalacha díth céille air. As an bhfocal míbhéasach céadna san do ghluais an clampar: is ann do bhí a thúis. Níor ghluaisighis leis an am go raibh do mháchail déanta: níor éirighis as an rud a bhí ar siubhal agat. Ní mór na deóra a ghluais leis, geallaim, ar

chlos do thubaiste dho: níor shíl deóra. Ghluais air i lár na hoidhche gurbh éigean fios do chur ar an ndochtúir: ghlac taom obann é. Gluais amach annsan, a chapaill: ar aghaidh leat. "Gluais, a mhála, a's go n-éirighidh an t-ádh leat", mar dubhairt an bacach ar maidin: chun bóthair leat.

gluaiste: *a.r.* corruighthe; lonnuighthe; spreagtha; imthighthe. Is fada riamh Éireann do bhíomair gluaiste rómhaibh, bhíomair ag baile sara raibh aon chuimhneamh corruighthe agaibh-se: imthighthe: curtha chun bóthair. Tá an imirt gluaiste aige: curtha ar siubhal. Duine so-ghluaiste seadh é, bíodh orm nách mór an tafant d'iarrfadh sé: gur furaiste do. Nadhbhóg so-ghluaiste: a chorruigheas go bog lé rámhaidheacht. Níor ceapadh aonne is do-ghluaiste ón gcathair 'ná é, pé greaindighe atá tugtha aige dhi: is deacra d'fhagháil lé hí d'fhágaint. Táim gluaiste ged chainnt aithisigh, agus ar bhiorán bhuidhe do bhuailfinn thu: gríosuighthe: bainte chun feirge. Lucht gluaiste seadh Sliocht Chobhthaigh (aicme thuinncéiridhe): dream ná lonnuigheann cómhnaidhtheach in áit ar bith.

gluaisteach: *a.* corruightheach, siubhaltach, ruagach. Thug an dochtúir posóid ghluaisteach do, mar bhí cruaidh 'n-a bholg: posóid a oibreóchadh air. Éan gluaisteach seadh an chuach: triallann i bhfad. Ceannaidhe gluaisteach: a thaisdealas mórchuid ag díol 'sag ceannach.

gluardha: *a. n-dh.* solasmhar, geal, lonnrach. Um Nodlaig bíonn sráideanna na cathrach go gluardha, bíonn an oiread san soillse ar lasadh: geal: lánsholasmhar. Nách í an fharraige atá go mín gluardha fé thaithneamh na gréine: lonnrach: drithlíneach.

glug: *f.1.* glór balbh, bog. Chuadhas go glúinibh 'on uisce go raibh glug glag gem bhrógaibh: glór bog aige ag fúscadh amach asta. Níl puinn sa tsoitheach anois, tá glug aige nuair chorrófá é: glór bog, balbh aige i gcoinnibh na gcliathán. An t-aindeiseóir 'n-a ghlug!: mór, martuighthe, bog.

glugar: *f.1.* dreódhachtaint, meathacht. Ubh glugair: ubh go mbíonn biadh iontrálta ann a's ná béarfaidh gearrcach. Léan id cheann glugair ná héisteóchadh a's gan bheith ag déanamh roileáin díot féin: ceann go mbíonn an inchinn suaidhte ann. Tá glór glugair ag an ubh so: glór bog nuair chorruigheann an biadh ann.

glugarsach: *f.1.* an rud nó duine bog, beathuighthe, neamhchruinnighthe. Glugarsach ar éigean atá ann an bóthar do chur de: trom, feólmhar, aindeis.

glúinighim: *b.a.* 7 *n-a.* síolbhuighim, préamhuighim; gluaisim ó; géaguighim. Aonne amháin den ainm agus a thriúr mac a bhí annso ar dtúis céad bliadhain ó shoin, nách iad do ghlúinigh go rathamhail?: is iomadamhail, fairsing a sliocht indiugh: a shíolbhuigh: ghéaguigh. Crann gur deacair greamughadh anáirde air mar ná glúinigheann sé i ngiorracht don dtalamh: ní fhásann géaga air. Cé uaidh gur ghlúinighis?: shíolbhuighis.

glúiniughadh: *f.* (*-iuighthe*) síolbhughadh; préamhughadh; géagudh. Bhí an treibh sin ag glúiniughadh leó sa cheanntar go dtí gur leó furmhór na háite ar fad, d'éirigheadar chómh

hiomadamhail sin: ag síolbhughadh: ag borradh. Neach den ainm sin san áit anois níl ar n-a ghlúiniughadh ón dtaoiseach mór a lonnuigh sa chaisleán: ní uaidh do ghluais.

glún: (**glúin**) *b.2. 7 5.* an ballnasc agus a leanas é atá idir an gcuid uachtaraigh agus an chuid íochtaraigh den gcois; uille i saoirseacht adhmaid; céim staighre; céim ascna; cos búird (iomdha etc.); fad-aois. In a shuidhe dho a's a chos ar a leathghlúin: oscal coise treasna na glúine (glúnach) eile. Ní cás do a chos do bheith ar a leath-ghlúin aige i rith a shaoghail airís: bheith seascair, neamhspleádhach. Shuidh sé ar ghlún an staighre: ar an gcéim éirighthe. Glúnacha ar gach tochta sa bhád i gcuibhreach na gunalach chun an bháid do neartughadh: uilleanna. Tá glún gaoil agam-sa leat-sa, cé go bhfuil sí sínte anois: céim cómhghais fola. An dóigh leat-sa go mbead-sa ag dul ar mo ghlúinibh chughat-sa ag iarraidh an ruda atá dleaghthach dom?: ag lorg go truaighmhéileach. Táir ar do thoil féin anois. Tá gach nídh ar do ghlúin agat: ar do shástacht. Thug sé a mhallacht dóibh ar feadh seacht nglún: seacht saoghal duine. Níor deineadh aonnidh riamh i gceart lé deabhadh ach glún ar ghlún: céim ar chéim i ndiaidh a chéile. Mo ghlúin deas do leigeant fúm a's bheith ag athchairt chun Dé: dul ar mo ghlúin. Is fada go ndeaghais ar do ghlúinibh, ní ghá chasadh leat é: nár ghuidhis chun Dé. An buidheachas céadna dhom é dá dtéighinn ar mo ghlúinibh a's ar mo dheárnachaibh dóibh: dá ndéininn an uile rud go humhal, féicheamhanta dhóibh. Ar chealgán mo (dhá) ghlún ar an úrlár cruaidh: ar phláitínidhibh. Leamhnacht, bainne géar (bearrtha), uachtar, ím agus bláthach, chúig glúine an bhainne: céim. Geannc thalmhan amach 'on bhfarraige go dtugtar "glúin" uirthe .i. an déanamh san ar scéimh na talmhan. Ar ár nglúinibh leis na ciantaibh ge n-ár namhaid: fé chuing.

glúracán: *f.1.* mairbheacht; manaleathar. Níl ionam aon rud do ghreamughadh lé glúracán im ghéagaibh: gan teadhall ionta.

gnaoi: *b.4.* áthas, taithneamh, cion, grádh; driuch, gné shubháilceach, maise. Thárlaidh rud éigin duit, dar liom-sa, níl aon ghnaoi indiugh ort, taidhbhsigheann dolbhach ort: cuma shubháilceach. Cé hé ná cuirfeadh sé míoghnaoi air biadh do chur 'n-a ghlotharaigh os a chómhair a's bheith ag díol go daor as?: míoshástacht. Is lughaide mo ghnaoi dhuit thu bheith ag teacht treasna orm: mo mheas a's mo léith leat. Chuirfeadh sé gnaoi ar do chroidhe a shlachtmhaire a's tá an tsráid sínte amach: subháilceas aigne. D'eitigheas a dhéanamh do, mar nár ghnaoi liom beart a ghoirteóchadh duine eile: taithneamh. Tá míoghnaoi orm aon rud do chur orm a dhéanamh ná taithnigheann liom: dochma: dubháilceas. An gnaoi leat mo chulaith nuadh?: an mian (maith) leat í. Sé gnaoi na ndaoine air gur fear galánta é: meas: cáil. Budh mhór-ghnaoi liom bheith a lithéid seo de lá aoibhinn ar bharr sléibhe: do thaithneóchadh thar barr liom. D'fhear a bhí chómh tábhachtach ameasc daoine is mór d'imthigh a ngnaoi uaidh, is beag a chloisfeá a's focal molta aca dho anois: a leanamhnachas. D'atharruigh a ghnaoi go mór lé seal. Ní foláir nó tá buaidhirt éigin aigne air: gné: an clódh a bhíos ar cheannaghthaibh duine de chionn mhothála a aigne. Ní bheadh an ghnaoi chéadna agam ó shoin do as a sprionnlaitheacht: an bháidhidheacht: leagadh.

gnaoidheamhail: *a.* ceanamhail, séimh, aoibhinn, taithneamhach, comaoineach. Rud ar bith dá dheacracht é, do dhéanfainn duit, táir chómh gnaoidheamhail sin: séimh, lághach:

cneasta. Clódh gnaoidheamhail duine Seán, miochair, modhamhail lé cách, is fada go gcloisfear drochfhocal 'n-a dhiaidh: gur mhian leat a aitheantas a's a choidreamh. Cailín ró-ghnaoidheamhail í siúd chun achrainn do dhéanamh lé haonne: séimh: go bhfuil meas aice uirthe féin: cúthail. Budh dheacair duit duine is gnaoidheamhla as a theangain 'ná é d'fhagháil, an focal maith misnigh aige dos gach aonne: is aoibhne: is subháilcighe. Chuireas ceist air a's sé freagra fuaireas, "tinn t'fhiafruighthe ort!" nách míoghnaoidheamhail an chainnt í: mí-mhiochair: míomhodhamhail. Ó, tá, gan aon amhras, an-ghnaoidheamhail: so-amhairc. Cuideachta ghnaoidheamhail sibh ná braithfeadh duine speal do chaitheamh nbhur gcómhluadar: eachtrach, greannmhar, gealgháirteach, aoibhinn agus subháilceach.

gnaoidheamhlacht: *b.3.* modhamhlacht, meastamhlacht, deaghbhéas, taithneamhacht; séimhe. Dá mhéid tarcuisne do thug sé dhuit b'aoibhinn liom nár leig do ghnaoidheamhlacht dhuit comaoin a chainnte do thabhairt do: deaghbhéas. Labhair airís budh bhreágh liom bheith ag éisteacht leat mar tá gnaoidheamhlacht id ghuth: cuireann binneas a fuama taithneamh, subháilceas, ar mo chroidhe: ceolmhar don gcluais. D'éirigh an seanduine agus thug a shuidheachán don mhnaoi, níor fhág an ghnaoidheamhlacht riamh é: deaghbhéas a's múineadh: beart áirighthe chúirtéise.

gnás: *f.1.* béas, nós, taithighe, módh. "Ní ghaibheann grádh lé gnás a's ní cheileann fuath a locht": taithighe, nós. Dar lé dream dá ndeineadh duine gnás de dhul ar snámh gach lá sa mbliadhain gurbh fheárrde é: taithighe: béas. Gnás aca iad féin do choisreagan ag dul ar muir dóibh: béas do chleachtaid. An amhlaidh atá uait gnás do dhéanamh de bheith ag déircínteacht thobac orm: béas cómhnaidhtheach. Deineann sé gnás den áit: triallann ann go minic.

gnás: *f.1.* gnáthóg; pruais; daingean. Ameasc na gcarraigeach úd thall atá gnás an tsionnaigh: pruais: tuinn. Sin gnás girrfhiaidh: canachán: nead. An t-oileán mar a dtéigheann an t-éan chun gnáis: chun sosa.

gnáth: *f.3.* nós, áis; gnáthóg, aon rud a bhíos coitcheann. Deineann gnáth dá urnaighthibh do rádh maidean a's tráthnóna: deineann taithighe. Bím im shuidhe go moch de ghnáth: go coitchianta nách mór. Ní gnáth airgead ag amadán: is geairrid do bhíos 'n-a sheilbh. Tá sé ag gadaidheacht airís a's go deimhin féin níor ghnáth leis sin (searbhas) .i. is minic sin aige. An gnáth duit gan bheith ar fóghnamh?: fáth a fhiafruighthe dhom gur airigheas ag gearán foth-uair lé seachtmhain thu: an rud é a thárluigheas go minic. Tabhair malairt feóla dhom, táim dóthanach de mhairtfheóil 'sis searbh gach gnáth: éirigheann duine tuirseach den rud chéadna do shíor. Ní gnáth leanamhnachas ar an mboichte: ní deintear a choidreamh. Ná tóg aon cheann dá chnaimhseán san, galar gnáith air seadh é: béas atá ceangailte ann. Sid é mo theach ósda gnáith nuair thagaim ar an mbaile: is annso is minicidhe do chuirim fúm.

gnáth-: *i gc.fh.* cómhnaidhtheach, coitcheann, coitchianta; seasamhach. Gnáth-arm na hÉireann: seasamhach: a líon a bhíos ann in aimsir síothchána. Ag bradaidheacht ataoi, a bhuachaill, agus is gnáth-bhéas agat san: cleachtann tu san. Sid é mo ghnáth-bhealach-sa abhaile: an bealach is minicighe do thugaim orm féin. "Cé tá in aimsir anois agat?" – "an

gnáth-bhuachaill": an té gur béas do bheith agam. Tá an Ghaedhealaing ar ghnáth-chleachtadh, tá sí lé clos ar bhéalaibh gach aonne: labhrann go haonne í. Níl san tuirseach, ná creid é, níl air ach an ghnáth-choirtheacht: an síorleigeant air. "An bhfuil a lán agat?" – "breis agus an gnáth-chnuas an turus-so": an méid áirighthe. I dteannta díol as do bhórd agus éadach do chongbháil nár ghábhadh fén dtuaith bíonn gnáth-chostaisidhe eile ag leanamhaint na cathrach: costaisidhe ná tárlóchadh in áit ar bith eile. Ní thuigeann an gnáth-dhuine cad is bun leis an gcogadh so in ao'chor: tromshluagh na ndaoine: iad san ná fuil ar líon an lucht chliste. Gorm an gnáth-dhath do chaithir-se: is é is béas agat. Níl aige air ach an gnáth-eólas: an t-eolas coitcheann. Tugann sé gnáith-iarracht ar éirghe cé nách róláidir chuige é: deineann nós de. Níl ar siubhal agam ach an gnáth-ghnóth: an gnóth is mó do thaithighim. Cad tá ort? níl do ghnáth-ghné ort: an deallramh is dual duit: seasamhach: is coitchianta. Ag lorg airís, is í an ghnáth-iasacht agat: an tsíor-lorg cáirde. Ná hiarr air sin stad, tá an gnáth-imshníomh air: fuirse ná fágann é. Tá luach bó d'fheabhas air, sin é a ghnáth-ligh 'n-a ghruadh airís: an dath is minicighe. Gnáth-luach bróg sa tsiopa so púnt: is annamh a bhíos fé n-a bhun nó os a chionn. Drom an tsléibhe amach gnáth-log na gcearc fraoich: áit lonnuighthe choitcheann aca. An ghnáth-mhuinghin as a neart a fhág ar an bhfán é níor áirigh sé in ao'chor go mb'fhéidir go mbeadh an t-ualach róthrom do: an mhuinghin ná hatharruigheadh. Gnáth-mheas na ndaoine air gur togha fir é: is mó n-a measc. Ní gnáth-fhocal "freisin" annso: ní baintear áis go minic as. Gnáth-nós luachair do scaipeadh i mbéal dóirse Oidhche Nodlag: coitcheann ag gach líon tighe. Geallaim duit ná tugaim dóibh ach an gnáth-nigheachán, uisce te a's gallúnach: is coitchinne ge daoinibh. Gnáth-dhaingniughadh ar dhóirsibh annso bolta: is mó a bhíos in áis. Oidhche Dhomhnaigh an ghnáth-oidhche annso chun rinnce: an oidhche is minicighe go ndeintear. Sháidh an gnáth-phian dubhluighthe chugham im ghualainn airéir airís: pian mion minic. Táir id ghnáth-phearsain anois anois ó tháinighis ón néal feirge sin: do chlódh coitcheann ort. Tabhair an gnáth-riar ar an mbiadh a's ní bheidh neach ag tormas: an riar mar deintear i gcómhnaidhe. Níl faic anois air, tá sé 'n-a ghnáth-rith airís: chómh lúthmhar a's bhíonn furmhór a shaoghail. Is beag a bhíos sásta lé gnáth-ré an duine ar an saoghal so: an seal mar thárluigheann i gcoitchinne. Níl gnáth-shaoghal na ndaoine anois chómh fada a's bhíodh, ní bhíonn an oiread seanóiridhe 'n-ár measc: an tamall maireachtana a gheibhid. Níor mhór duit gnáth-shúil do chongbháil ar an mbuachaill sin chun aon oibre d'fhagháil as, mar luigheann lé díomhaointeas nuair gheibheann an lom: síorfhaire. An turus déidheannach do chonnac-sa an fear san do bhí sé n-a ghnáth-shláinte: an tsláinte a bhíos aige furmhór a shaoghail. Níl sé chómh te sin in ao'chor, cad tá ann ach gnáth-theas an ama so de bhliadhain: an teas is dual do. Uaireannta, ach is annamh é, gheibheann siad breis, ach a deich fichead a ngnáth-thuarsdal: an díolaidheacht is coitchinne do gheibhid. Bíonn gnáth-úrnaighthe ann roim agus tréis aifrinn: úrnaighthe áirighthe lé rádh i gcómhnaidhe.

gnáthach: *a.* nósmhar, cleachtamhail, coitcheannta, cómhnaidhtheach, síor, taithigheach. "An té ná bíonn rud aige is beag an meas a bhíos air" – "is gnáthach é": sin mar bhíonn furmhór na haimsire. Is gnáthach leis an bpost do bheith mall, siléigeach um Nodlaig toisc mórbhualadh leitreach a's beartán: rud a bhíos i gceist go han-mhinic é. "Ní gnáthach muca reamhra aca ar an margadh dá ndíol": ní rud a thuiteas amach go minic é. Nuair bhíonn sé i dtreó an óil is gnáthaighe ar meisce 'ná ar a chéill é: is é a bhéas gur

minicighe. Ní bítear ag iascach annso anois go gnáthach ó imthigh an luach den iasc: níl sé de bhéas coitcheann aca. Téighir ann go gnáthach a's raghair i dtaithighe na háite: cleacht dul ann go minic tráthamhail. Tair a's ná bíodh eagla ort ná go mbeidh an fháilte ghnáthach rómhat: an saghas fáilte gheibhir i gcómhnaidhe. Is é is gnáthaighe 'ná a chéile go leanann slaghdán fliuchán: is é is mó do thuiteann amach. Ní gnáthach teine gan deatach: is annamh do thárlóchadh san. Cad é an focal is gnáthaighe agaibh "leis" nó "freisin" .i. is mó go mbaineann sibh áis as.

gnáthamh: *f.1.* cleachtadh, taithighe, comhluadar. Foghlumóchair as ghnáthamh na hoibre: taithighe a déanta: dul 'n-a treis. Ní sin gnáthamh atá annso againn ar churadóireacht, leapacha nó iomairidhe a bhíos againn in ionad drithle: cuma choitcheann, choitchianta curtha. Ná dein gnáthamh ach go hannamh de chuid do chómharsan: ná dein béas de bheith ag lorg ar iasacht. Táir ag déanamh an iomad gnáthaimh den bhfocal bhorb san: taithighir ró-mhinic é. Dréir gnáthaimh lamháltar an focal san anois: nós fad-bhunuighthe.

gnáthamhail: *a.* coitcheann, go minic, fóirleathan. Is gnáthamhla deireannach é 'ná in am: tuiteann amach níos minicighe. Béas gnáthamhail ag cuid mhór fanacht lasmuigh de theampall Dé: coitcheann: fóirleathan. Ní cuimhin liom cathain do chonnac an lá budh ghnáthamhla míola cora ná indiugh, bhí an t-aer lán díobh: gurbh iomadamhla. Níor mhisde leat duine do bheith in earrad leat, uair nó dhó, ach fógair an t-earrad gnáthamhail: a thárluigheas go rómhinic. Béas gnáthamhail aige geábh beag siubhail do thabhairt roim bhiadh ar maidin: rud a ghníos go minic.

gnáthamhlacht: *b.3.* uilidheacht, minicidheacht, béasaidheacht. Gnáthamhlacht a bheith déidheannach ó obair budh bhun lé n-a bhriseadh, b'annamh in am do: minicigheacht. Dá ghnáthamhlacht a rinneas so cheana tá sé imthighthe glan as mo mheabhair chinn anois connus cur chuige: cé gur minic me ghá dhéanamh. Ní hé sin gnáthamhlacht dhatha do chneasa: ní hé sin aiste datha is sia a bhíos air. Gnáthamhlacht a dhroichbhéas ná féadfí bruic leis: iad do bheith dhá shíorchleachtadh aige.

gnáthóg: *b.2.* áit nó log chómhnuighthe, log gnáthchriartha. Is mithid triall ar an ngnáthóig: ar an áit go gcómhnuightear. Bhíodh gnáthóg ag an bhfiolar ann sa tsean-aimsir: ball cómhnuighthe: áit go dtrialladh sé ann. Seo gnáthóg girrfhiaidh: canachán, nead. Tigh Shéamais ceann dá ghnáthógaibh ar an mbaile nuair thagann sé ann: áit go mbíonn a thriall air a's go sosann sé ann. Cá bhfuil do ghnáthóg-sa sa cheanntar?: áit lonnuighthe. Poll falla an ghnáthóg a bhíodh aige dá chuid airgid: áit foluighthe. D'áiteóchadh fear eile ort ná fuil an cnáimhseálaidhe céadna san bocht in ao'chor, go bhfuil gnáthóg i bpoll éigin aige: airgead foluighthe.

gnáthughadh: *f.* (*-uighthe*) (do) chleachtadh, (do) thaithighe, (do) thriall as; (do) bhéasughadh; do dhul i dtaithighe. Ag gnáthughadh an tsáipéil chun a paidreach do rádh: ag déanamh taithighe ar dhul ann. Budh dheacair do bheith cliste ar an imirt a's gan aon ghnáthughadh aige uirthe: cleachtadh. Má bhír ag gnáthughadh na háite chómh minic a's táir beidh aithreachas dóighte fós ort: bheith ag déanamh béasa do bheith ag dul ann. Bí ag gnáthughadh léigheamh ós árd a's feabhasóchaidh sé t'úrlabhra: ag déanamh

taithighthe dhe. Gnáthughadh ’n-ár measc-ne fós an Choróin do rádh an uile oidhche: cian-bhéas: sean-ráta go bhfuil cothughadh dhá chongbháil air. Ní béas aige lé bliadhantaibh geairride bheith ag gnáthughadh na háite seo mar bhíodh, is annamh a gheóbhfá súil air: ag tabhairt cuairde air. Gearánadh go mbídís ag gnáthughadh droichbhéas d’aindeóin cómhairle agus bagartha: ghá gcleachtadh. Bhíos ar mo chroidhe díchill d’iarraidh me féin do ghnáthughadh ar an aimsir: dul ’n-a thaithighe. An dréir ghnáthuighthe dhuit-se oibriughadh isteach san oidhche?: an síor-bhéas agat é? Cuireann sé iongadh orm é t’eiteach mar ní gnáthughadh aige bheith sprionnlaithe: ní dual dréir mar thárluigheann.

gnáthuighim: *b.a. 7 n-a.* taithighim, béasuighim, cleachtim, triallaim ann. Is fada riamh gur ghnáthuigheas an áit chéadna san cé gur mhinic mo thriall ann, tháinig col agam leis: go ndeara béas de dhul ann: gur thugas cuaird air. An ngnáthuighir Frainncis anois?: an gcleachtair a léigheamh nó a labhairt. Is follus ón bhfínéacht go ngnáthuigheadh sé an bhean: go mbíodh a thriall uirthe: go n-aithnigheadh í. Choidhche, faid mhairfir ní ghnáthóchair deaghbheatha: ní thaitheóchair: ní bhéasóchair: ní mhairfir í. “Cad ghnáthuigheann an fear san?” – “dochtúireacht” .i. a ghairm bheatha. “An té a ghnáthuigheas dainnséar is leis do thuiteann sé”: gur taithighe nó béas aige do bheith ag dul ann. “Óir labharfadh an t-amadán amadántaidheacht agus oibreóchaidh a chroidhe éigceart do ghnáthughadh fuarchrábhaidh agus do labhairt earráide in aghaidh an Tighearna” (Isaiah XXXII. 6): a thriall do bheith air chun a chúrsa do chur i gcrích.

gnáthuightheóir: (**gnáthadóir**) *f.3.* duine a thugas cuairdeanna ar áit; taithightheóir. Gnáthuightheóir earraigh a’s samhraidh seadh an chuach: an aimsir go gcleachtann bheith ’n-ár measc. Gnáthuightheóiridhe an tighe tábhairne seo is iad is achrannaighe beo: an dream a thagas ag ól ann: taithightheóiridhe.

gné: *b.4.* deallramh, dealbh, dreach, scéimh, éagcosc, comhartha dearbhtha, saghas, aicíd, dath, néal. Tá Críost in íodhbairt an Aifrinn fé ghnéithibh aráin agus fíona: aicid: deallramh. Beir gan gné ag brath ar an droichbhiadh san, ach cuma an ocrais: deallramh maith sláinte. Níl aon ghné ag teacht ar an gcuradóireacht: gan í do bheith ag teacht chun cinn. “Connus tá ag an gcogadh indiugh?” – “an ghné chéadna a’s mar bhí lé dhá lá air”: an clódh céadna: an t-imtheacht céadna. Tá gné ghorm san éadach: néal: lígh éadtrom ag rith tríd. Is oth liom gur b’í gné an bháis atá air a’s gur geairrid í a chairt ar an saoghal-so: cuma. A leaca ar ghné an róis: dath a’s áilneacht na blátha san. Beidh an tigín seo go gleóite nuair bheidh malairt gné (gnéithe), glan deisighthe a’s troscán curtha ann: malairt crota (ar fheabhas). Is ort anáirde atá gnéithe t’athar: airdheanna t’athar: cómharthaidhthe fé leith mar bheadh srón fhada, éadan árd etc. Brostuigh! cuir gné ort féin i gcóir an Aifrinn: deallramh slachtmhar. Tá cómhgas idir an girrfhiadh agus an coinín, na gnéithe céadna ortha .i. is cosamhail a gcluasa, a mbéal, a gcosa etc. Bhuail sé chugham isteach i ngné duine uasail: é gabhtha, gléasta mar sin. Téigheann gné le dath: tugann an dath céadna an clódh céadna ar rud. Sid iad na gnéithe go n-aithneófá an t-iasc ortha, earball treasna, drom garbh, dá earóig droma, béal fé: na cómharthaidhthe cinnte.

gné-: *i gc.fh.* deallramh, dealbh, cuma, crot. Lá gné-dhorcha go dtaidhbhseóchadh gach rud go doiléir duit: doircheacht sa spéir. Teach gné-bhán: go mbíonn aol fé. Ní phósfadh

sí é toisc é bheith gné-bhuidhe: pat-bhuidhe: néal buidhe do bheith ’n-a chneas. Ní foláir liom nó tá rud éigin ag déanamh meargó dhuit, taidhbhsighir árd-ghné-dhuairc dom: ar scéimh t’aragha tá clódh an duaircis. Éist! ní fhéadfá gan bheith óltach mar bhís gné-lasta: luisne it aragha. Duine gné-airgeadamhail, féach an clódh galánta atá air: cuma go bhfuil airgead aige. Dhearbhuigh an gárda go raibh an fear gné-ghoirtighthe i ndiaidh an chosnaigh: a aghaidh: cuma bhrúighte.

gnéadhamhail: *a.* scéimheamhail, maiseach, dathamhail; córach, fabharach, gnaoidheamhail. Budh ghnéadhamhla liom go mór bheith i gcuideachtain shoilbhir ’ná bheith i gcuideachtain chlamparaigh: budh thaithneamhaighe, gnaoidheamhail: is mó a thairrceóchadh uirthe mé. Ó thúis deireadh ní raibh aon rud gnéadhamhail do, bhíodh an saoghal a’s na daoine ’n-a choinnibh: fabhrach. B’uirthe a bhí an aragha (líomnadh aghtha) budh ghnéadhamhla dá bhfeacais, níor mhisde leat seal do chaitheamh ghá suimiughadh: scéimheamhail: tairriceamhail: dathamhail. Tairring cainnt éigin níos gnéadhamhla ’ná eascuinghthe a’s mallachtóireacht chughat: níos banamhla: gur mhéine lé duine éisteacht lé n-a glór. Ní ró-ghnéadhamhail an folt atá uirthe, achrannach, neamhréidhtighthe: níl clódh so-amhairc uirthe.

gnéadhamhlacht: *b.3.* scéimheamhlacht, maiseacht, dathamhlacht; crotamhlacht, córaidheacht, fabhracht. Chuir sé tuath i ngnéadhamhlacht na mná a thúisce a’s fuair sé lán a dhá shúl di: scéimheamhlacht: maise: dathamhlacht. Ní raibh aon ghnéadhamhlacht ag baint leis gur shainnt leat a chómhluadar: mealladh pearsan a’s meóin. Ná bí ag rith leat féin ar fad, níl sí chómh neamhdhathamhail sin, tá gnéadhamhlacht innte: sughadh ’n-a scéimh. Sin eiligean scríobhnóireachta go bhfuil gnéadhamhlacht ann a thaithnigheann liom go mór: módh ná féadfá gan tuath do chur ann. Dá bhfaghainn aon ghnéadhamhlacht uaidh faid bhíos ag obair ’n-a fhochair, budh shocra m’aigne dá bharr, ní bhfuaireas uaidh ach sclaimh a’s alpadh: aon cheannsacht fhabhrach.

gnéitheach: *a.* dathamhail, solasmhar (dath): sásamhail. Measc lé chéile an dá dhigh a’s beidh an deoch gnéitheach a dóthain annsan: so-amhairc: beidh cuma uirthe gur mhéine leat í d’ól. Lá gnéitheach chun farraige: deallramh air go bhfuil sé oireamhnach. Ní gnéitheach liom na rudaidhe, más fíor, atá curtha id leith: ní taithneamh liom: ní subháilceas liom a chlos go bhfuilir i dtreis.

gnímhíneach: *f.1.* duine beag a néas bearta móra. D’fhear gan deallramh gan tuairm is é an gnímhíneach é: fear acfuinneach.

gníomh: *f.1. 7 3.* beart, beartughadh, do dhéanamh bearta; éacht, feart; goilleamhaint; tómhas áirighthe talmhan; gnáth-ghuide go bhfuil briathra áirighthe socair innte, comhall. Abair gníomh dochais; dein gníomh: beart: dein an rud go bhfuil call leis. Ar do bhéal féin tá maithghníomhartha an domhain ionat: deinir a lán maitheas a’s comaoin do dhaoinibh: táir i ndán iongtaisidhe do dhéanamh seachas chách. Abair na gníomhartha – gníomh dochais, creidimh, carthanachta, croidhe-bhrughadh: úrnaighthe áirighthe atá ar cleachtadh ag an eaglais lé rádh chun aigne an ghuidhtheóra d’inneachamh ar Dhia. Duine gan gníomh é: nách féidir leis faic do theasbáint déanta aige gur bh’fhiú a áireamh. Sé clódh atá ar an mbuachaill seo go ndéanfaidh gníomh fós: go dtiocfar tharais leis na

nidhthibh iongtacha do dhéanfaidh sé. Ní mholaim do ghníomh: ní maith liom an t-iomchar atá fút. Tá cion dearmaid do ghníomhartha agat agus is rí-mhaith a bhí sé tuillte agat mar is tusa an droichghéag: luacht tuillte do bheart. Peaca an tsinnsir, peaca gníomha, peaca marbhthach atá ann déanta. Dein an gníomh ar fóghnamh i gcómhnaidhe 'sis deacair locht d'fhagháil ort: beart na maitheasa. Dearbhuighim ná raibh lámh ná ladhar sa ghníomh agam: go bhfuilim saor ar an nidh a thárluigh. Níor scuir sé dá mí-ghníomharthaibh go dtí gur crochadh é: cortha: bearta uathbhásacha. Ní dheárna sé mí-ghníomh riamh ar neach: níor fheall riamh ar aonne. Gníomh feille dhuit duine do bhualadh gan choinne gan chúis: nídh do dhéanamh. Chruadhaidh an chloch bhog ar an gcuma ghlas go bhfeicir anois í lé gníomh an tsáile uirthe: goilleamhaint síortheangmhail. Gníomh gaile dob eadh taisdeal trí chéad míle farraige i mbád béaloscailte i ndrochuain ar bheagán bídh a's ganntanas uisce: obair iongtach: éacht. Ná téighir ar scáith do ghníomhartha, feicimís iad: ná congaibh ó amharc iad. Is ró-mhaith is eol dom-sa do ghníomhartha-sa chun aon iontaoibh mhór do bheith agam asat: cleasa lúbaireachta: imtheachta neamhdhíreacha. Sin cainnt ná tiocfaidh i ngníomh go deó: ná comhallfar: ná tiocfaidh chun na críche adeir sí. Tabhair fé, má theipeann féin ort, dein gníomh do dhíchill air ach go háirighthe: an iarracht is fearr ionat. Thug sé an leabhar nár dhein sé aon ghníomh léi: nár chumaisc sé í. Capall é sin go bhfuil an-ghníomh ann: ainmhidhe a ghnídheas a mbíonn 'n-a neart a's n-a thoil. Molann an gníomh é féin .i. an bheart mhaith ní gábhadh bheith ag maoidheamh aiste, is róshoiléir a tairbhe. Féachaimís gníomh!: tástálaimís a chéile, féach céaca fear againn is fearr. Maith ar bith níl ann duit dul chun gnímh liom-sa, lúbfainn ar a chéile thu, a's chuirfinn síos im phóca thu: chun cinn: i dtreis liom. "...agus créad an urchóid do rinne dhuit as a dtug tú peaca mór orm féin agus ar mo ríoghacht? Do rinne tu gníomha orm-sa nár chóir do dhéanamh" (Gen. XX. 9): bearta. Rugadh ar an mnaoi seo sa ghníomh féin: ag déanamh an ruda gur cúisigheadh leis í. Mo thuairm-se nách mór an gníomh a rinne sé ort, ná raibh puinn lé maoidheamh aige: éacht: obair gur fiú a luadh: aon lámh díot. Do dhein an fear maith so gníomh orm-sa ná dearmhadfadh choidhche dho: maitheas. Chun gnímh ataoi?: bheith taidhbhseach: do chur gothaidhe ort féin go ndéanfá na huirc a's na hairc. Rinnis gníomh do bheatha an lá úd do rámhais treasna an chuain bhuirb it aonar: beart éachtach ar fad. Tá deireadh lé n-a ghníomh anois go bhfuil a ghéaga briste: dá threóir: gan mhaith. Chuadhadar ar ghníomh: d'fhéachadar a neart 'sa bhfeabhas lé chéile. Mara ndeinir leór-ghnímh go hiomlán as do pheacaidhibh ní bhfaghair maitheamhnachas: sásamh do thabhairt do Dhia a's do dhuine asta. Níl deagh-ghníomh ná droich-ghníomh ann, ní fheadraís cad mar shaghas duine é: gan maith gan olc.

gníomh-: *i gc.fh.* iongtach, líonmhar, cumasach. Tá sé lé moladh aige féin, cé déarfaidh nách fear gníomh-éachtach é: a ghnídheas gníomhartha móra. Tá sé láidir ach ná fuil gníomh-ghasta: tapaidh lé friothálit ruda do dhéanamh. Ní mór an mhoill do choingeóbhaidh súd oraibh tá sé gníomh-éascaidh: luath, mear chun ruda do dhéanamh. Budh mhinicighe Sasanaigh gníomh-fhuilteach linne 'ná gníomh-ghlan: bearta fola a's fill 'ná bearta fearamhla. Duine beag-ghnímh mar é connus go bhfuil an meas ar fad air: ná deárna gníomhartha gaile ná puinn gníomh in ao'chor.

gníomhach: *a.* gnóthach, déantach, faobharach; beartach. Nách beag-ghníomhach ataoi anois lé seal d'fhear a dheineadh an oiread san tamall ó shoin: gan puinn saothair dhá

dhéanamh. Lé dhá lá anois níl an luingeas aoir chómh gníomhach a's bhíodar lé seachtmhain roimhe sin: faobhrach, beartach. Níl an mheilit scine gníomhach, ná is fada go raibh: níl aon áis innte.

gníomhaidhe: *f.4.* duine nó ainmhidhe nó rud go mbíonn ar a chumas saothar do dhéanamh. Gníomhaidhe maith imeartha é: sás. Gníomhaidhe múinteóra: múinteóir ge bhfuil eolas a chúraim 'sa ghnótha. Ní haon ghníomhaidhe an céachda so: níl go maith ná go slachtmhar chun treabhtha. Tógadh triúr i Lonndain ar amhras gur gníomhaidhthe Gearmánach iad chun ráflaidhe bréagach do scaipeadh ameasc na ndaoine: lucht ionaid in adhmannas na Gearmáine. Gníomhaidhe maith ar fhléige eisean: aisteóir atá i ndán a chion do dhéanamh.

gníomhaidheacht: *b.3.* beartaidheacht, éacht. Budh mhór an ghníomhaidheacht do sheanduine cheithre fichid dul go mullach an chnuic aoird úd: beartaidheacht: obair éachtach. Dá mbeadh aon ghníomhaidheacht ann d'fhoillseóchadh sé é a's a fhaid do chaith sé ag déanamh taithighthe: an mianach chun ruda do ghnóthughadh. Ní féidir a shéanadh ná go bhfuil an ghníomhaidheacht ann, is minic tugtha uaidh aige ar neart: cómhacht déanta. Ná laguigheadh do mhisneach ort fós go mbuadhfar air, tá gníomhaidheacht annsan i nganfhios d'aonne: teacht aniar 'n-a chodladh ann.

gníomhamhail: *a.* saothrach, i ndán bearta móra do dhéanamh; acfuinneach, amtréan, árrachtach, neartmhar. Tá luingeas Shasana árdchómhachtach, ach an bhfuil sí chómh gníomhamhail lé luingeas na Gearmáine?: i ndán gníomhartha éachtach do dhéanamh. Feirmeóir gníomhamhail go mbíonn a chuirimidhe go léir feistighthe aige in am thráth: déanasach: teasbáineann toradh a chuid oibre.

gníomharthach: *a.* aiste déanta gníomh. Lé cóngamh Dé tá sé sa Flathais anocht, mar do b'é an fear deagh-ghníomharthach é: tugtha do mhaitheas mhór do dhéanamh. Bheadh náire orm dá mbeinn chómh droich-ghníomharthach leat, cad é dhuit mar dhéanamh bheith d'iarraidh aonne do chur as a shlighe bheatha: droich-bheartach. Ní haon náire dho dul chúcha caith sé saoghal gníomharthach: saoghal gnóthach, maitheasach.

gníomhughadh: *f.* (*-uighthe*) oibriughadh, beartughadh. Cá mbír ag gníomhughadh an aimsir seo? fén dtuath nó sa chathair: ag oibriughadh. An bhfuil an seanchlog san ag gníomhughadh in ao'chor?: an dtéigheann sé ar siubhal?

gníomhuighim: *b. n-a.* oibrighim, déinim beart. Is fada riamh gur ghníomhuigh na cosa agam, lúbfaidís dá seasuighinn ortha: gur dheineadar a ndualgas.

gniúdáil: *b.3.* gíotáil; útamáil; barrghal oibre. Ní mór an gnóth 'n-a chroidhe anois ach mara mbeadh sé ag gniúdáil tímcheall an tighe: ag útamáil: ag déanamh breac-oibre. Cad é an ghniúdáil atá ort annsan?: cad tá uait go bhfuil gach nidh tóin thar cheann agat?: útamáil: gíotáil.

gnó(th): *f.3.* cúrsa, cúram, rud lé déanamh, adhmannas seasamhach; áis. Níl aon ghnóth agam-sa dhíot, árduigh tú féin chun siubhail: níl aon rud agam lé tabhairt lé déanamh

duit, ná ní theastuighir uaim. Cad é an gnóth a bhí agat mo pheann do thógaint: cad é an pioc ded chúram é: cad budh fáth leis? Déanfad mo ghnóth de dhul ag triall air an chéad rud ambáireach: cuirfead mar dhualgas orm féin é. An gnóth is fearr do dhéanfá anois mo chomhairle do thógaint a's dul abhaile: an rud a chuirfeá rómhat (do dhéanamh). Dhéanfadh aonne mo ghnóth-sa annso anois, bead ag cur díom: níl faic lé déanamh agam. Dá mbeadh aon tsaghas déanaimh gnótha ann, bheadh duine ag bruic leis: go mbeadh aon chuma oibre air. A dhailtín, níl gnóth ná cúram annso agat, scrios!: faic le déanamh: adhmannas déanta aonnidh. Ní gábhadh dhom aon tobac do cheannach indiugh, tá déanamh mo ghnótha indiugh agam di: oiread agus bheidh ag teasdáil uaim. Ná creid gur lé neamhthais do bhuail sé thu, is d'aon ghnóth glan dhein sé é: lé n-a lán-thoil. D'aon ghnóth do bhíos ghá chiapadh, ní rabhas i ndáiríribh: mar mhagadh. Aonne go bhfuil tigh a's treabh 'n-a chúram air níl aon ghnóth aige bheith faillightheach: ní rud é a oireas do. Do ghnóth féin dein, a dhuine, leig dom ghnóth a's dom-sa: ná bac tharat mise. Níl a ghnóth déanta fós, tá a thuilleadh triallach ann: níl buaidhte fós air. Seadh, ná bímís ag ceisneamh, má tá céad gnóth againn tá céad lá againn chuige: má tá mórán lé déanamh féin againn, cá bhfuil ár ndeabhadh, ná fuil an saoghal so fada. Is baoghalach ná fuilim eólgaiseach ar an úirlis seo, ní fhéadfainn aon ghnóth bhaint aiste: áis. Cad dheinis leis an eochair seo go bhfuil sí ó ghnóth agat: curtha gan tairbhe. Cad é an gnóth atá díom-sa?: cad atá uait do dhéanfainn duit? nó cad dob áil leat díom: nách mithid duit scaramhaint liom. Níl spirid ná púca gan fios a ghnótha féin: pé bóithre aite dar leat a bheadh fé dhuine is aige féin is fearr a fhios cad atá ar siubhal aige. Fios mo ghnótha atá uait: eolas ar cad é mo chúram. Beir ar do ghnóth nó béarfaidh do ghnóth ort: mara bhfreastalair gach rud atá lé déanamh agat in am thráth beidh thiar ort mar tiocfaidh an iomad in aonfheacht ort. Tá balcaisidhe a ghnótha air: níl d'éadach air ach mar tá crích nó faillighe ann. Is fearr crích ná gnóth .i. is cuma cá mhéid oibre a bhíos aige duine mara mbíonn slacht uirthe. Is cosamhail lé gach fear a ghnóth .i. fear maith obair déanta go maith, fear gan mhaith obair droichdhéanta. Is fada go ndeárna sé gnóth de, ní ghá chasadh leis é: gur chóimhlíon sé aitheannta Dé. Ní haon ghnóth amháin do chothuigheann tigh: is iomdha ealadha is éigean do dhuine a tharrac air féin chun maireachtana. Is do dhuine gan náire is fusa a ghnóth do dhéanamh: an rud a dheineann sé, is cuma cá neambéasamhail deiliúsach é, ní chuireann aon bhuaidhreamh air. Imthigheann an chainnt a's fanann an gnóth: tréis na cainnte go léir bíonn an obair ag feitheamh linn .i. ciúnas a's obair an rud ceart. Gnóth éigin chugham thu chómh déidheannach so san oidhche: tháinig ar chúram broideamhail. Nár thugaidh Dia tairbhe do ghnótha dhuit comaoin do chur ar an rud neamhmaitheasach: na bearta atá déanta agat. "Tairbhe do ghnótha go bhfaghair" (seanbhlas): deirtear so lé duine a ghnidheas rud ná taithnigheann linn.

gnóithte: *a.r.* buaidhte, sroichte, saothruighthe. Tá an lá gnóithte agat, a bhuachaill: buaidhte. Tá an baile gnóithte aniar agat: sroichte ón iarthar. An cúram a theastuigh uatha thá sé gnóithte aca: saothruighthe: éirighthe leótha é d'fhagháil.

gnóthach: *a.* cúramach, gabhtha in obair: druisteachamhail. Chómh gnóthach lé seangán: ag rith thall 'sabhfus go greithileánach d'iarraidh teacht ar shaothrughadh céad rud. Bíonn do theanga ró-ghnóthach agat, b'fheárrde thú an barra bheith dhi: ar síorshiubhal a's ag tromaidheacht nó ag aithris ráflála. Bíonn an chan amhain sin gnóthach go maith san gceanntar so: baintear áis choitcheann aiste. Bíonn an chinneamhaint gnóthach riamh ní

chuireann a cos fúithe: ar siubhal: tionóisc ag tuiteam ar dhuine éigin do shíor. Nách gnóthach a bhís agus é sin ná raibh ag cur aon chruisteach ort do leagadh: tionnscalach: teasargach: claon lé baint lé rud ná baineann linn. Siopa gnóthach é sin lá aonaigh a's margaidh: mórán ceannaigh ann.

gnóthadóir: *f.3.* fear oibre, fear go mbíonn cúram díolaidheachta a's ceannaidheachta air. Droch-ghnóthadóir dob eadh é, níor thug sé cúram siopa a's briseadh amach é: neamhchliste ar riar imtheachta tráchta. Níor fhág aonne riamh an oiread slachta 'n-a dhiaidh ach gnóthadóir maith: oibridhe.

gnóthughadh: *f.* (*-uighthe*) (do) fhagháil, (do) shroichstint, (do) bhuadhachtaint, (do) shaothrughadh, tairbhe. Dá fheabhas d'oibrigh sé i gcóir na duaise ní fhéadfadh a dhá dhícheall í do ghnóthughadh: do bhuadhachtaint. Níor fhág sé aon chloch gan iompódh d'iarraidh an tighe go raibh a chroidhe istigh ann do ghnóthughadh: do shroichstint. B'éachtach an gnóthughadh dho an tigh sin do chur anáirde ar a luighead cumais a bhí aige: an bheartaidheacht. Ní mór an gnóthughadh duit é do dhíol ar phúnt breise thar mar thugais air: tairbhe, sochar.

gnóthuighim: *b.a. 7 n-a.* sroichim, saothruighim, buadhaim; tairbhighim. Innis dom cad a ghnóthuighir lé bheith ag ól? nách amhlaidh atáir ag leaghadh do choda?: cad bhíonn dá bharr agat? Gnóthóchair breis ach do chuid stuic do chongbháil aonach eile, mar beidh breis luacha a's mhargaidh ortha: raghair chun cinn ionta. Ar ghnóthuighis an scoil úd go rabhais ar a héileamh?: ar shroichis í? ar éirigh leat í d'fhagháil. Cé hiad, id thuairm, a ghnóthóchaidh an cluiche cinn?: a bhuaidhfidh é. Do ghnóthuigh Dia dhúinn cion do bheith againn ar ár gcómharsain mar atá againn orainn féin: d'órduigh. Go raibh míle maith agat ar son a ndeárnais dom, a's go ngnóthuighidh Dia dhuit: go gcuiridh Sé an rath ort. Aon bhaint ní bheidh agam feasta leat, gnóthuigh duit féin anois: téighir ar do chion féin, gan bheith ag brath orm-sa chun cabhartha.

gnúis: *b.2.* aghaidh, deallramh, dreach, snuadh. D'fhéachas isteach 'n-a ghnúis dar liom gur thugas sort aithne dho, ach 'n-a dhiaidh san ní fhéadfainn é do bhreith chun mo chuimhnte: 'n-a aghaidh: 'n-a cheannaghthaibh. Fáilte roim do ghnúis gheal: an driuch aghtha a fhoillsigheas aiste meóin a's gnaoi dhuine. Níl aon deagh-ghnúis indiugh air: míoghnaoi. D'aithneófá ar a ghnúis ná fuil aon an-bhiadh aige, an dath liath atá air: driuch: an taidhbhseamh atá aice. Ná cuir gnúis mar sin ort chun aonne, ní róthaithneamhach an béas é: gotha ceannaghtha a chuireas in iúil an mhothúilt. Taithnigheann gnúis an duine sin liom, cé ná feaca riamh roime seo é: clódh a cheannaghtha a chuireas in iúil cáilidheacht áirighthe ann. Ar son Dé cuir gnúis ort féin sara dtéighir ameasc na ndaione a's ná bí lán d'fhéasóig ar an gcuma san: deallramh so-amhairc.

gnúis-: *i gc.fh.* ag tagairt don aghaidh, deallramh. Gealadhram éigin anois ort go bhfuilir chómh gnúis-gheal: áthas lé feicsint i gceannaghthaibh. Táir gnúis-smeartha do dhóthain, ní nár duit maoidheamh as t'áilne (searbhas): cuma dhorcha ar íoghar na haghtha. Gnúis-dhiamhair an t-ainmhidhe an tarbh san, an phúic atá air: cuma choimhtheach, mhalluighthe.

gnúiseach: *a.* taithneamhach, so-amhairc. Cailínidhe deagh-ghnúiseacha is annamh iad n-a bpeidhleacánaibh párlúis: go mbíonn ceannaghtha breághtha aca. Mhuise, ní fheadar, b'fhuraist aithint nár bhuan do annsan lé déidheannaighe, bhí sé an-droich-ghnúiseach ar fad: deallramh na drochshláinte air. B'í budh ghnúisighe den gclainn: budh bhreághtha snuadh.

gnús: *f.1.* ₇ *3.* glór mar ghnidheas muc, nó duine fé dhuadh, cnead; glór íseal; soc; smulc. Léan id ghnús mar an tú an táthaire: mío-rath ort! Féach an gnús atá air: an soc: an chainncín (deirtear lé duine míoshásta ná beadh teacht aniar ann): clódh tormais, míoshástachta nó drochmhaitheasa. Má bhíonn gnús asat beidh taobh na dtéadán den dtigh agat: oiread agus focal, amach leat! Baineadh gnús as nuair buaileadh sa tsróin é: cnead. Nuair nár thaithnigh an cómhrádh leis leig sé gnús as: dhein sé glór lé n-a scórnaigh a fhoillsigh ná raibh sé ar a shástacht. Oiread ceann díreach do thógaim díot a's dhéanfainn de ghnús muice: cnead: uallfairt gharbh íseal. Is iomdha gnús a chuirfeadh sé as sara scarfadh sé le scilling, an sprionnlóir: glór míoshásta.

gnúsach: *b.2.* glór míoshásta, glór mar chuireann duine as nuair dhúisigheann. Tháinig gnúsach an domhain air é do dhéanamh toisc gur i gcoinnibh a thola é: doicheall a's dochma a chuir sé in iúil trí mhionghlóraibh. Chuir méid a's meádhachtaint an ualaigh ag gnúsaigh me: ag cneadaigh: bhain an t-ualach orm m'anál do bheith ag teacht 'n-a preib. Mé ar mo dhícheall d'iarraidh é do dhúiseacht a's ná faghaim aon ghnúsach as: aon ghlór múscalta. Cuir uait do chuid gnúsaighe a's tabhair uait an nídh atá iarrtha ort, ní haon am manaoise dhúinn-ne é: ceisneamh.

gnúsachán: *f.1.* smulcaire; cnáimhseálaidhe. Ná caith a thuilleadh aimsire ag tláithínteacht leis an ngnúsachán san, cuirfidh a aghaidh dochma ort: duine searbh-ghnúiseach: coimhtheach. Gnúsachán diabhail ná sáiseóchadh aon chócaire i gCúigeadh Mumhan é biadh do chóiriughadh dho: síorchnáimhseálaidhe: duine go mbíonn cuma dhoichilleach roim an uile rud.

go: *r. d-bhdha Leis an aidiacht*. Labhair go hárd: amach ós árd. Fan go híseal léd láimh: an-íseal. Tá san déanta go breágh: an-bhreágh. Suidh go cúthail: an-chúthail. Labhair sé go dian: an-dhian. Go réidh (ghréidh) a bhean na dtrí mbó: ná bíodh oiread fuadair fút. Bead-sa ann ach go háirighthe: ar aon chuma. Thómhais sí an earra go beacht: gan pioc fé ná tharais. An bhfuil gach rud go hiomlán agat: gan dearmhad. *Leis an mbriathar*. Is fada riamh go bhfeaca: ó chonnac go déidheannach. Is fada go raibh sé ach ní fada ó bhí sé ann: ón am.

go: *f.a.* leis, farra, agus breis. Fear go n-iomad airgid thusa: go bhfuil agat. Duine go n-onóir sa cheanntar so: go bhfuil onóir air. Féar trí mbó (mba) go leith: leath i bhfarradh na coda eile. Duine go n-iomarca meabhrach eisean dar leis: le. Go gclos domhsa níl a lithéid tímcheall: dréir mar tá airighthe agam. Ní raibh fiolar annso go gcuimhin lé haonne atá suas: dréir mar tá cuimhne aca air. Dhéanfainn go gcead duitse é: léd chead. Go bhfios dóibh ní raibh arm i bhfolach sa tigh: dréir an mid feasa a bhí aca air. Daoine go n-aindeise sinn: fé aindeise.

go: *r.fh. leis an gc. g.* chun, fé dhéin, go n-uige; i gcómhnáird lé. Go sileadh an t-anam asam ní ghéillfead: go dtagaidh an uain sin. Ní stadann sé go hoidhche: an t-am bhíonn sé ann. Ó thúis an chluiche go deireadh na scríbe: ag an am san. D'ith sé leis iad i ndiaidh a chéile siar go hearball tímcheall. Táim go súilibh in obair: mórchuid oibre agam. Beidh an halla rinnce lán anocht ó chúil (go) fraigh: mar a bhfuil na frathacha. Gabhtha go gléasta ó mhullach (go) talamh: anuas ar fad. Ó mhaidean go hoidhche: ag an am san. Go dtí go bhfeaca tu ní ghéillfinn go rabhais chómh maith: roim ama feicse dhom. Ní fear go dtí é, dhéanfadh sé aonnidh: níl neach mar é. Ní céasta go pósadh: ní bhíonn ach neamhnidh in aon chlampar eile ach ann. Go seo thugadh sé aire dho féin: ar feadh na haimsire roim an tráth so. Ní fuacht go gaoith adtuaidh: léithe sin do thagann an fuacht ceart. Ní féasta go rósta: sin an féasta ceart. Ní hanacra go héitheach: sin é an anacra is measa. Ní foláir nách fál go haer é: sroicheamhaint do annsan. Ní daortha go breith an bhreithimh: am na breithe a bhíos a fhios. Ní anaithe go gaoith andeas: is é a thugas an tsín is measa léi. Ní torann go tóirnigh: an tóirneach do ghnidheann an glór is truime.

go: *c.n. as r.ch.* ionnas, go dtí. I dtreó go mbeinn in am d'éirgheas go moch: ionnas ná beadh baoghal orm etc. I slighe dhuit as gur fearr i bhfad é de mharcach: tá mar sin. Ar eagla go ngoirteófí é chrosas ar gan dul ag marcaidheacht ar an ainmhidhe féin. Ní hé amháin go raibh sé óg ach bhí sé ró-óg: ar an stáid sin. Abair a's go bhfuil turus fada féin roimis mara moilligheann sé beidh sé in am: cé gur mar sin do. Acht go mbeadh airgead agat leigfí isteach thu: ar a bheith agat. Toisc go rabhas ró-óg don arm ní thógfí me: i dtaobh me do bheith etc. De bhrigh go bhfuil an t-aos agat, tá an onóir agat: mar gheall air sin. Fanaimís go gcatheam an uile phingin: go linn an ama san. Bíonn sé go maith acht go bhfaghadh sé a thoil: ar choingheall. Acht go rabhas láithreach chun a gcosana bhuailfidís a chéile: mara mbeadh mé do bheith. An té go bhfuil airgead aige bíodh: 'n-a sheilbh. An té go mbíonn ciall aige bíonn Dia aige: i seilbh céille. An áit go mbíonn bó bíonn bean: áit a's í ann. Is fada riamh gur bhuail sé liom i mball ná i mbeárnain: ó etc. An té gur leis an hata so éiligheadh sé é: an sealbhachaidhe. An fhuinneóg gur caitheadh an chloch tríthe: an fhuinneóg áirighthe. (*Fó-shuidhteach*) Go mairir céad: an fhaid sin saoghail guidhim duit. Go mairir a's go gcaithir do chulaith nuadh a's céad culaith is fearr 'ná í: guidhim an ré sin duit agus sásamh do bhaint as. Marbh go rabhad má chruinnighim go deo puinn airgid: saoghal geairrid guidhim dom féin. Táir pósta gur maith an mhaise dhuit é: a aoibhneas guidhim duit. Gur fearr ambáireach thu 'ná ar maidin indé: an aiste sin mo ghuidhe dhuit.

gó: *f.4.* meang, feall, amhras. Ná can gó, aithris dom mar cuireadh leó an tseilg (sealg): ná hinnis bréag. An béal nár chan gó: fírinneach. Bead ann gan gó, ní theipfead ort: gan amhras: creid me, nílim ghod mhealladh. Sin é an scéal agat gan gó mar chualas é: an fhírinne ghlan: gan cor ná claon uaim-se. Ná himir gó orm: feall. Is tú atá ann gan gó: gan aon amhras ar domhan.

gob: *f.1.* an t-earr cruaidh fada a bhíos ar bhéal éin; rinn chaol thalmhan amach sa bhfarraige; barr caol, géar; barr dubháin; béal. Níor chuir sé a ghob i mbiadh lé mí: níor bhlais é. Lán do ghuib ní bhfaghfá ón airiceach san: oiread an frighe: oiread a's raghadh id bhéal d'aon iarracht. Ná cuir do ghob ann (biadh): ná bain leis. Ní fhéadfadh seisean

ach an oiread gan a ghob do chur sa scéal: cuid den gcainnt do bheith aige: cur isteach. Sin cailín nách fada ná go mbeidh i ngob a teachta amach: i mbéal: i dtosach. Seachain é sin, ná tabhair aon rún do, bíonn gach scéal ar a ghob aige: tá sé ró-bhéalscaoilteach. Má bhíonn sé den diall ort é do leigeant thar do ghob, marbhóchad thu: é d'aithris. Tá a "ghob fé n-a sciathán aige": tá sé 'n-a chodladh. Ná bíodh aon ghob ort, níl cúis ghearáin agat: míoshástacht. Tá gob éigin indiugh air: d'aithneófá ar a ghnúis go bhfuil faobhar (feirge, míoshástachta nó eile) air de chionn ruda éigin. Imthigheadh an gob díot: an ghotha mhíoshásta. Bíonn gob chun cainnte (airgid, etc.) air: ag faire ar gach cao chun a chion do bheith aige. Gob an oileáin: rinn chaol amach sa bhfarraige. Cuir gob ar an bpeann luaidhe: barra caol, géar. Chuaidh gob an dubháin ionam: an fíor-bharr. Níl aon ghnóthughadh ag ceann aca ar an gceann eile, táid gob ar ghob: ar chómhuisce. B'fhearr dóibh Aifreann Dé d'éisteacht ná bheith gob ar ghob 'sa mbinn aniar ortha ghá bhfolach: go dlúth lé chéile ag comhchainnt. I ngob na bliadhna d'éag sé: i bhfíorthosach. Bhíos i ngob an bháis, níor cheap na dochtúiridhe go dtéarnóchainn: ar thuilleamh báis. "Cad é an t-aos anois thu? an bhfuilir trí fichid?" – "táim gob ar ghob leis": isteach agus amach leis. Beir chugham ar ghob é, marbh nó beó: beir chugham é fé ghreim dhaingean. Chuadhas isteach ar ghob chuige gan pioc eagla orm: thugas aghaidh go dána air. "Ní sia gob an ghé 'ná gob an ghanndail": tá an oiread buannachta ag duine ar chuid de a mbíonn ar siubhal i roinnt a's tá ag duine eile: níor chóir an t-iomlán do thabhairt d'aonne amháin. Chídhim go bhfuil gob na hoibre indiugh ort: fonn agus deallramh. Cuir ar do ghob an buidéal so: caith cuid dá bhfuil ann. "As do ghob é", deirtear lé míothaithneamh lé duine a gheibheas rud le caitheamh nách fiú é é nó ná bíonn tuillte aige. D'imthigh an scéal ó ghob go gob go bhfuair na gárdaidhe: ó bhéal go béal. Ní laistiar díot tá sé dhá rádh agam, déarfad led ghob é: led bhéal: it fhiadhnaise. Táir chómh neamhghéarchúiseach san dá mbeadh rud féd ghob ná tabharfá fé ndeara é: "ag baint na súl asat": it láthair. Is minic gob fliuch aige: ólann sé cuid mhór. Is fada ó bheith i mbéal na cré na prátaidhe fós, níl ach má tá an gob ortha: an phéac: iad bheith ag cur amach díreach. Tabhair gob an bháid sa ghaoith: a tosach cruinn díreach i súil na gaoithe. Cad n-a thaobh go bhfuil do ghob fút?: ná fuilir ag cainnt. Nuair bhíonn braon caithte aige bíonn a ghob san aer aige: a cheann anáirde a's mórchainnt aige. Chun a ghuib féin gach aonnidh, gan cuimhneamh ar aonne eile: chun a bhuilg féin.

gobach: *a.* go ngob (fada); cainnteach. Níor cheart puinn do rádh ós a chómhair siúd, tá sé ró-ghobach ar fad: róchlaon lé bheith scéaltach. Éan fad-ghobach seadh an cúirliún: aimeóin faid ann.

gobachán: *f.1.* duine a bhíodh ag dul tríot isteach; líopálaidhe; tnúthán; duine go ngnúis bhoicht, choimhthigh. Imthigh a's ná bí id ghobachán mar sin tímcheall na cuideachtan so, ag tnúth lé rud: brasaire: foileannán. Tú féin a's do ghobachán fágaidh mo radharc: tú féin a's do chúlaistín tnúidh. Cad as don ngobachán?: cá bhfuil a chúram annso?: duine go dtiocfadh col lé n-a ghob agat ar an dtoirt.

gobadh: *f.* (*-btha*) (do) phéachadh, (do) chur a chinn amach, (do) scéitheachtaint. Tá an chneadh ag gobadh ní fada ná go mbrisfidh sí: ceann cruinn árd ag teacht uirthe. Tá an t-earrach againn, tá an crann 'san sceach ag gobadh: an phéac ag teacht ortha. An ag

gobadh na dtuigidhe ataoi?: ag cur bearra ortha. Tugann an t-éan san a shaoghal ag gobadh ar chrann: ghá phriocadh lé n-a ghob.

gobadán: *f.1.* an t-éinín a leanas an chuach; fóileannán; duine go mbeadh ceannaghtha chaol, drochshnóidh. Níl aon oidhre ort an tslighe atáir ghom dhlúth-leanamhaint ach gobadán lé béal cuaiche: duine ná cuirfeadh faic in ao'chor as do threó é. "Ní thugann an gobadán an dá thráigh leis": dá mhéid mar budh mhaith leis a dhá mhó do bheith aige ní thig leis ach iarracht amháin do bheith aige: ní féidir dhá ghnóth do dhéanamh in aonfheacht. Cad as don ngobadán san?: duine drochchrotamhail.

gobadóir: *f.3.* sprionnlóir; eadarghabhálaidhe. Gobadóir ocrach ná tabharfadh rud duit chun tú do thógaint ón mbás: rud gorta: stiocaire. Mo chómhairle dhuit anois scriosadh, gobadóir seadh thu ná teastuighir féin ná do chuideachta uainn: eadarghabhálaidhe: duine a sháidheas a cheann in áit ná bíonn fáilte roimis.

gobaire: *f.4.* duine caol-smigeach; duine go mbíonn a ghlór anáirde do shíor aige. A ghiobaire leig-se thart an cúrsa so, níl baint ná cúram agat leis. Ní fheaca riamh ameasc daoine ná go gcaithfeá bheith id ghobaire, an teanga ar síor-imtheacht agat: ciapaire. Cá mbeifeá-sa ag dul a ghobaire, ní dóigh leat go bhfuil gníomh ionat?: duine ná bíonn an deallramh ceart air. A ghiobaire cad n-a thaobh gur aistrighis an chainnt adubhart leat?: aithrisidhe.

gobaim: *b.a. ₇ n-a.* péacaim, éirighim (amach); priocaim. Níor ghob an crann ubhall fós: níor phéac: níor chuir an síol amach. Gobfaidh an cailín óg so sara fada: tiocfaidh sé amach i gconbharsáid daoine fásta. Gob an cipín sin dom: cuir barra caol, géar air. Níor ghob breac éisc sa bhfarraige a cheann aníos airéir: níor sháthaidh.

gobaireacht: *b.3.* cnáimhseáil; síorchainnt; brasaireacht; glór díomhaoin. Caitheann mo bhean a saoghal ag gobaireacht ó thigh go tigh lé n-a cáirde ban: ag comhcainnt: d'airigheas go rabhais ag gobaireacht orm: ag cúlchainnt. Dá mhéid do dheineann sé ní buidheach do bítear do ach bheith ag gobaireacht air: ag tabhairt béil do a's ag cnáimhseáil air. Gobaireacht an domhain uile ar siubhal aca istigh sa chúláis do mheasas go n-éireóchadh eatartha: ag tabhairt péac fé chéile: iad focal ar fhocal lé chéile. Ní hí do chuid gobaireachta atá uaim in ao'chor ach do chuid oibre: rith seama deiliúsach. Tabhairt ghobaireacht aighnis uait is fearr atá ar eólas agat: teallaireacht.

gobán: *f.1.* rinn bheag sa bhfarraige; préaslach; súghracán (píp) leinbh; cosc. Bíonn sé ag súghrac mhílseán mar bheadh gamhain lé gobán: préaslach. Cuir gobán leat féin a's ná dein Máire Ní Ógáin díot féin lé cainnt: cosc: préaslach id bhéal. Gobán íseal ag béal an chuain: rinn bheag.

gobán: *f.1.* ubh sara mbíonn aibidh. Tá gobán ag an gcirc is gearr go mbéarfaidh sí: ubh sara mbíonn an sliogán air. "Nách bog atá do ghobhán agat", deirtear lé duine gur dóigh leis gur cheart dos gach aonnidh teacht chuige gan duadh, nó do thuiteam amach díreach mar dob áil leis.

gobán: *f.1.* ceárdaidhe cliste i seanchas Éireann. Dhéanfá "cat a's dhá earball" mar dhein an gobán saor: iongtaisidhe. Lé tigh a bheadh tógtha go maith, déarfí 'tá sé chómh maith a's dá mb'é an Gobán Saor a thógfadh é'. Ar nós an Ghobáin Saoir, ní bhainfeadh aon rud a bharra dhe: duine árd-chliste ar a ghnóth.

goblach: *f.1.* béalóg, ruainne, geannc bheag, blúire sóghail (feóla). An bhfaghann sí aonnidh cóir lé n-itheadh sa tigh móir mar chailín aimsire?" – "I ndomhnach, buaileann foth-ghoblach í: blúiridheacha so-bhlasta. D'fhág an brothaire blúire feóla ar bóiléagar a's d'imthigh sé 'n-a ghoblach ag an madra 'n-a bhéalóig: lán béil. Cheannuigh sé goblach mór feóla: geannc thoirteamhail. Tá slogadh gen bhfaoilinn, féach mar alpann sí goblaigh: blúiridheacha a thaidhbhsigheadh a thachtfadh í. Cá hiongadh é do bheith láidir, nách iomdha goblach maith caithte aige: greim sóghail.

gobughadh: *f.* (*-uighthe*) péacadh, ag cur amach, ag teacht chun barra nó chun cinn. Níl crann, sceach ná plannda ag gobughadh fós: ag péacadh: ag cur amach. An long díreach ag gobughadh andeas den gceann (tíre) nuair buaileadh í: ghá teasbáint féin: ag teacht i radharc. Ná buail barr méire ar an bpochóid sin, tá sí ag gobughadh, tá braon innte: tá ceann cruinn ag fás uirthe. Tá an lá ag gobughadh: ag géarughadh: ag dul ar bun: i bhfiadhantas. Dá mhíne do bhíos leis ní haon mhaolughadh a bhí ag teacht air, ag gobughadh chugham do bhí sé: ag éirghe chun breis feirge. Ag gobughadh an chipín: ag cur beara air.

gobuighthe: *a.r.* bioruighthe, "beárrtha", priocuighthe, giobuighthe. Duine ná féadfá déanamh ró-bhuannamhail air, tá sé ró-ghobuighthe a's is furaiste leis bheith lasánta: bearrtha: teasaidhe. Tá san ró-ghobuighthe agat, níor fhágais aon tathag ann: caoluighthe ar a bharr ró-mhór. Dar fiadh! is maith gobuighthe ataoi i gcóir do thuruis, gléasta, glánbhearrtha: "déanta suas". Níor fhágais pioc den bhfeóil id dhiaidh, tá sí gobuighthe agat leat, a alpaire: árduighthe leat n-a smut a's n-a smut.

god: *f-a. ch.* cad? God é sin don té sin ná baineann san leó?: an pioc dá gcúram é? God é?: cad san?: cad deirir? God é, a dhuine, a lithéid de chainnt le buirbe: dar fiadh: ná tagair do. God é súil a's mar thug sé orm: súil mhíchéadfach. God é anois?: cad atá uait anois nó cad tá ort? God é saidhbhreas a's bhí aige: mórchuid.

gog: *f.3.* glór, focal, ubh. "Tabhair gog dom", ars an leanbh. Thuit sé 'n-a phleist anuas ar an mbóthar a's níl gog ó shoin as: oiread a's glór na cainnte níor dhein sé. An bhfuil aon ghog ionat?: ná cosnófá tú féin?: aon chorruighe nirt. Níl sa chlog san ach sean-ghog: clog a leanas ar siubhal ar feadh tamaill a's a stadas.

gogadán: *f.1.* aon rud neamhshocair, corrach. Tuitfidh an gogadán cathaoireach san, tá gach aon mhoirtís innte ar dearg-bhogadh: neamhdhaingean. Gogadán tighe seadh é: árd, cómhchruinn gan puinn talmhan fén láthair. Gogadán báid: bád corrathónach: luascach. Socruigh do bhairéad mar is ceart ort, ná bíodh sé 'n-a ghogadán mar sin: ar tí tuiteam aon uair. Tair anuas de dhrom an tighe adeirim leat, a's ná bí id ghogadán anáirde ann: id "phíce" gan fuaimeant greama cos agat.

gogaidhe: *f.4.* ainm leinbh dhuibh. "Gogaidhe Ó Gaog, cá ndéanfad mo nead?/ dá ndéanfainn sa tráigh í gheobhadh na faoileáin í/ a's Gogaidhe Ó Gaog, cá ndéanfad mo nead?/ dá ndéanfainn sa ghleann gheóbhadh an lon abhann í/ a's Gogaidhe Ó Gaog cá ndéanfad mo nead?" (dréachtán leanbh).

gogaide: *f.4.* duine seang, árd gan tathnag. Shéidfeá uait lé puth det anáil an gogaide: caolán duine gan scrothaidheachta. Gogaide gan éifeacht é sin ná cuireann aonne suim 'n-a ghlóir: éagconn: duine neamhfhuaimeantamhail. Má thagann aon ghaoth ar na gogaididhibh cocaidhe sin agaibh is fuaduighthe do bheid: cocaidhe ná fuil bonn mór a ndóthain fútha dá dtoirt. Nár me an t-amadán críochnuighthe a's an lá do chaitheamh im ghogaide ag feitheamh leis an té nár tháinig: stuipéar mar bheadh cuaille.

gogaideach: *a.* corrach, neamhshocair. Ceann ró-ghogaideach atá ort chun aon chéille do bheith ann: an iomad drabhghala ar siubhal ann. An seól ró-árd, ró-ghogaideach ar an mbád: neamhshocair toisc a aoirde. Tuitfidh na gloinidhe, táid ró-ghogaideach annsan ar fhaobhar an tsiolpa: soileagtha.

gogaille: *f.4.* breallán; duine leanbaidhe. A ghogaille, ní bheadh an gogaide hata san ná fuil ach buailte ar mhullach do chinn ar aonne eile ach ort: breallsún: duine gan géarchúis. A ghogaille bhoicht, chaitheadar amach tú nuair ná raibh a thuilleadh agat lé tabhairt dóibh: breallán bog fé n-a chuid airgid.

gogalach: *b.2.* (**gogal**) glór an ghé, glór bog, tachtuightheach. Ar éirghe an lae d'éaluigh an sionnach ar na géadhannaibh a's mara raibh gogalach aca do chloisfeá ar fuaid an bhaile: glór láidir scórnaighe. Dá gcloisfeá an ghogalach a bhí air nuair cheangail slaimice mór feóla 'n-a scórnaigh: an glór slogghala a bhí aige. Cad í an ghogalach so ort ná labharfá soiléir ar nós aonne: budh dhóigh leat gur rud éigin do bheadh id chraos agat: alpghail sa scórnaigh. Chuirfinn-se ag gogaluigh thu lé clabhta baise ar iompódh na baise mara n-iomcharófá thú féin: tulcghail ghuil ort.

goibín: *f.4.* gob beag, smeigín caol. Chómh beag lé goibín bioráin: barr. Laiteann an goibín atá uirthe a ceannaghtha: smeigín a's córaidheacht ar fad. Goibín ró-chaol ar an gcrúsca: lag beag 'n-a bhéal: goic bheag.

goic: *b.2.* maig, leathcheann, cnáid, doic, mór le rádh. A bhairéad ar a leathcheann aige a's goic air: maig: taidhbhse. Goic ort!: cor go dtagaidh ionat. Goic mhór charraige i dtaobh na faille: carraig éirighthe amach.

goid: *b.2.* $_{7}$ *3.* d'fhuadach, d'fhoghadh go neamhdhleaghthach; sluid; bitheamhantaidheacht; (do) éalódh. Bím ghom ghoid féin ón bhfear san in aon áit go bhfeicim é, ní maith liom a ghnúis ná a chuideachta: ag éalódh uaidh i nganfhios. "Goid ó ghadaidhe goid gan pheaca": an té a ghnóthuigheas rud go héagcórach nó go neamhcheart ní haon pheaca san do shealbhughadh uaidh i nganfhios. Ní goid fogha ná fuadach é seo ach mo chuid mhín mhacánta féin: ní hi nganfhios do thógas ó aonne ná go héagcórach an nidh atá agam. Deirtear lé duine gur ceárd do bheith ag bitheamhantaidheacht nó a chúblálas chuige go gasta, glic – buadhann sé ar an nGadaidhe Dubh: bitheamhnach

críochnuighthe. Chuaidh sé ar ghoid nuair bhuail an ghorta é: chleacht sé bheith ag tógaint rud nár leis. Rugas ort, a bhuachaillín, ag goid: d'iarraidh teacht ar rud éigin gur chuir a shúil. Níl faic dhá dhéanamh indiugh agam ach ag goid na haimsire: ag meilt. Ná bí ag goid cúige (cártaidhe) orm: d'iarraidh í chúbláil chughat féin. Ná leig don ndigh bheith ag goid ort nó tuitfir léi: bheith ag ól an iomad gan a thabhairt fé ndeara. Cuid ghoide atá aige: seilbh éagcórach.

goid-fhéachaint: *b.2.* súil bhradach. Ní fhéadfá faic do dhéanamh aige, é ag síor-ghoid-fhéachaint ort: ag faire ós íseal. Choidhche ní fhéachfadh sé cruinn ort ach goid-fhéachaint do thabhairt ort: amharc pras, bradach.

goidim: *b.a.* fuaduighim, foghaim, árduighim liom go héagcórach nó i nganfhios, éaluighim liom. Ghoideas me féin uatha i gcoim oidhche dá mhéid coimeád a's faire a bhí aca orm: d'éaluigheas gan me do thabhairt fé ndeara. "Féach an t-airgead a fuaireamair i mbéalaibh ár sac, thugamair chughat-sa anuas airís as tír Chanáin é, connus mar sin do ghoidfimís as thigh do thighearna ór ná airgead" (Gen. XLIV. 8): d'árdach chun siubhail gan chóir ná buannacht. "An té a rinne goid ná goideadh sé níos mó" (Ephes. IV. 28): tógaint an nidh nách leat. Goid leat ar do shuaimhneas: gluais leat: bí ag déanamh na slighe go mall cómhnaidhtheach. An ainnir a ghoid mo chroidhe uaim: a mheall: gur thuiteas i dtromghrádh léi. Ghoidfeadh sé an folca te: a tharr ón seangán .i. an t-earr a bhíos thiar air, rud as phóca an tsagairt etc. .i. an rud dá dheacracht é.

goigín: *f.4.* breallán, éagconn, gaige. An clódh 'san t-imtheacht goigín a bhí fém theallaire, maig ar a hata aige, é gléasta go cantaibh na gréine, a's blas a's tuin ar a theangain: duine taidhbhseach, uallach. In a ghoigín, a leath san aer, gan fuaimeant circe, ag léimrigh, ag rinnce 'sag béicigh: é 'n-a dhuine gan chiall: éadtromán: ceólán.

goile: *f.4.* an sac a choingbhigheas an biadh san mbolg; fonn ithte; an drólann. Ní dheaghaidh sé thar bhéal mo ghoile go dtáinig casadh im aigne a's gur úirliceas é: mo bholg. Ní fhéadfainn baint leis, níl aon ghoile agam chuige: fonn a chaithte. Dá fhaid ag cur geall ar chapaillibh é ní dheaghaidh aon lá riamh 'n-a ghoile ach é seo, chaill sé gach geall: chuaidh sé 'n-a luighe air: ghoill sé air. Fágaimís an áit seo, tá sé ag dul im ghoile: táim dóthanach de. Bhíodar ag meallaireacht air a's ag baint uaidh go dtí gur bhaineadar a raibh 'n-a ghoile as: an méid a bhí ar eólas aige. An lá theipeann an goile ar dhuine, níl aige ach "gabhaim siar": an tráth a imthigheas fonn caithte a choda tá a chnaipe déanta. "Léan ar do ghoile a's ar mháilínidhibh do chlainne": deirtear lé míobhuidheachas nó míchéadfadh. D'iasc ní thabharfainn goile faid bheadh feóil agam: ní bhacfainn lé n-a itheadh. Ní foláir nó tá do ghoile agat, níor ithis faic ó mhaidean: dúil ithte. Sáthadh sa bholg é a's d'imthigh a ghoile fén mbán: an t-ionathar. D'íosfadh sé a dtiocfaidh 'sa dtáinig, tá goile fallsa aige: guilm ithte nách féidir do shásamh. D'íosfadh san mart tá coileach goile aige: fonn ithte a bhíos ar síor-lorg. Ní bhfuair sé faic as a ghoile lé laetheanntaibh: cruaidh n-a ghoile, 'n-a bholg.

goileamhail: (**goileach**) *a.* go ngoile; go bhfonn mór ithte. Deirtear gur géar-ghoileamhail an rud geábh ar an bhfarraige nó gloine fíona roim biadh go gcuireann

faobhar ithte ar dhuine. Buachaill sláinteamhail deagh-ghoileamhail: go mbíonn i ndán cuid mhaith d'itheadh.

goilidheach: *f.1.* duine go mbíonn goile mór aige. Cuir breis chuige sin, goilidheach maith é, seadh mhuis, chómh maith lé capall: duine a íosfadh cuid mhór. Ní haon ghoilidheach cóir tú, is beag é t'fhoghail ar an mbiadh: duine ná téigheann dian.

goilm: *b.a. ₇ n-a.* caoinim, tagann deóra liom, caoidhim, uaillim. Goileann madra ar an ngealaigh: uailleann sé. Ní ghoilfidh neach 'n-a dhiaidh, níor mhaith é, a's ní pudhair é: ní bheidh brón ar neach. Goileadar go fuidheach ar bhás a máthar: tháinig srutha deór leó le brón. Cuireadh uabhar air gur ghoil sé anuas dá shúilibh: thuit na tuilte deór leis. Ní raibh duine ann a ghoilfeadh air: a bhí corruighthe le brón: ní raibh neach láithreach. Is mise ná goilfeadh (deóir) go dubhach id dhiaidh: ná beadh brón orm id thaobh. "Cá háit as a bhfaghainn feóil le tabhairt don phobal uile? óir goilid orm ghá rádh; tabhair dhúinn feóil go n-ithimís." (Uimh. XI. 13): d'éigheadar: screadadar.

góilín: *f.4.* gabhlán farraige fada, caol isteach 'on talamh; bealach beag cumhang, doimhin trí thalamh uisce éadtruim. Baile an Ghóilín (in aice an Daingin).

goilleamhain(t): *b.3.* (do) bhuaidhreamh; (do) chur ar; gortughadh, máchailiughadh, iomard. Ní dheaghaidh mo chuid bídh go ró-mhaith dhom, tá sé ag goilleamhaint orm, tá ríocaíl im ghoile: ag cur orm: ag déanamh míoshuaimhnis dom. Tá sé 'n-a luighe go bocht lé goilleamhaint fuachta: bascadh: díth. Dhein an aimsir sheaca a tháinig goilleamhaint mhór ar churadóireacht, dóghadh cuid mhaith síl: cur chun deireadh. Bíonn goilleamhaint éigin goile air: iomard, gearán. Goilleamhaint an uisce ar an adhmad go lobhann sé: feidhm díthe. An mío-thapa a tháinig air nár shaor sé a dhreatháir, tá agus beidh ag goilleamhaint choidhche air: ag déanamh buadhartha dá aigne. Na droichfhiacla atá agam, bíd ag goilleamhaint orm: ghom bhuaidhreamh. Sé rud is mó atá ag goilleamhaint ar an ndúthaigh fé láthair ná fuil fonn ar an óige fanacht fén dtuath ach sáthadh isteach i gcatharachaibh: ghá congbháil siar. Ná leig don scéal goilleamhaint ort, ná tóg ar do chroidhe é, níl aon leigheas ar an méid atá déanta anois: ná leig do luighe 'n-a bhrón ort.

goillim: *b. n-a.* cuirim as go hanródhach; buaidhrim; máchailighim; cuirim iomard air. Goilleann do chás orm, is oth liom go mór é: buaidhreann me: cuireann míoshuaimhneas aigne orm: maoithneachas orm. Chómh righin lé heascúin, ní ghoilleann fuacht ná teas air: ní dhéinid cur as dá shláinte. Beannacht Dé lé hanamann na marbh a's go mórmhór lé hanam aonne a ghoillfeadh ná a fhóirfeadh orainn: go mbrathaimís go géar a gceasnaidhe, etc. Má ithir an iomad goillfidh an biadh ort: ní réidhteóchaidh leat: breóidhteóchaidh sé thu. "Dubhairt sé nár thaithnighis dubh ná bán leis" – "ní ghoilleann san orm": aon tsuathadh aigne dom ní dheineann. Ó táim beó bocht dealbh anois ní ghoillim ar aonne: ní chuireann neach suim ionam. Ith é a's nár ghoillidh sé ort! (seanbhlas go minic): nár chuiridh sé an díleaghadh ar mí-riar agat. Goilleann an tsín ar gach rud do fágtar fé n-a léith dá mb'é an t-iarann féin é: deineann díoghbháil do.

goilte: *a.r.* deóra silte. Tá goilte caointe air (marbh): tá brón déanta air. Faid mhairfead airís ní ghoillfidh an scéal céadna san orm, tá an iomad goilte cheana agam air: an iomad bhuaidhrimh fachta agam de. Tá an dheóir dhéidheannach goilte agam ortha: go deó airís ní bhuaidhirfidh me.

gomh: (**gubh**) *f.1.* confadh, íogaireacht, gráin mhairbh, fearg throm, díomas, nimhneacht, binb. An gomh ar an madra: buile. Bheadh siad chughat mar bheadh madraidhe guimh dá ndeinteá faic as an slighe ortha: ar buile chroidhearg. Iad-súd chómh dícheallach chun an tsaoghail go mbíonn an gomh chun oibre ortha: iad scubhtha: budh dhóigh leat ortha ná faghaidís a ndóthain choidhche dhi. Ná cuir an gomh orm chughat leis an saghas san drochchúraim: fearg. B'shiúd é an lá fuar, feannaidheach a fhanfaidh i gcuimhne na ndaoine chonnaic é choidhche go raibh an gomh anoir dtuaidh air: nimhneacht cheart fuachta. An mbrathair an gomh atá sa spéir? níor mhór dhuit culaithirt mhaith: an nimh. Má tá gomh air cuireadh sé dhe é: buile. B'fhada gomh aca dá chéile: ní raibh uatha ach "iarraim cúis ort" chun sáthadh chun a chéile: díomas: mío-rún. Is fada ó bheith leighiste mo chos, tá gomh fós innte, brathaim ríog thinnis innte: cealg. An gomh chun airgid, bóthair, bruighne, pósta, etc. fonn a's dúil na n-aedh. Ná déin gomh de, bí foidhneach: ná leanadh sí it aigne mar droichinntin. Gomh ar an ndubhán: an-ghéar chun dulta tríot.

gomhamhail: (**goimheamhail**) *a.* tinneasach, feargach, cealgach, nimhneach, gráineamhail, díomasach. Bíonn sé gomhamhail nuair bhíonn braon thiar aige: trodach. Ná bí gomhamhail liom, tá aithreachas orm as an méid a rinneas ort: ná cothuigh droichinntin dom. Aimsir ghomhamhail í seo ná fuil aon fhás innte: nimh a's glaise san spéir. Droichmheón atá aige bheith chómh gomhamhail a's cúis do chothughadh i bhfad in aghaidh aonne: míorúnach. Teanga ghomhamhail nár mhaith liom í do tharrac orm: gearrthach: masluightheach: cealgach. Mara bhfuil aigne ghomhamhail fé láthair ag Sasana a's an Ghearmáin dá chéile ní lá fós é: gráineamhail, díomasach dá chéile. Dá dteangmhuigheadh an scian ghomhamhail sin leat bheadh cúis ghearáin agat: géar, nimhneach. Aon fheabhas ní raghaidh ar mo chneadh faid a's bhíonn sí gomhamhail: cealgach, géar-thinneasach.

goimheamhlacht: (**gomhamhlacht**) *b.3.* nimhneacht, glaise, tinneasacht, cealgacht. An ghoimheamhlacht atá sa spéir indiugh thabharfadh do bhás duit gan cosaint cheart éadaigh: nimhneacht fuachta. Géilleadh ná maitheamhnas ní bhéarfadh d'aonne leis an ngoimheamhlacht atá ceangailte istigh 'n-a chroidhe: cealg-rún. An ghoimheamhlacht a bhí im fhiaclaibh a's treasna mo chorráin ní mór ná gur dhein geilt díomh: tinneas ríogach. Níor fhág goimheamhlacht mharbhtha a dhreathár go lá a bháis: an díomas do baineadh 'n-a chroidhe leis an mbeart.

goin: *b.2.* 7 *3.* gortughadh, créacht, sáthadh. Déanfaidh an ghoin scine sin droichiomchar mara bhféachtar 'n-a diaidh: an sáthadh: an chréacht i ndiaidh a barra. Goin ghréine thárlaidh do thar lear gur b'éigean do teacht abhaile: bualadh: goilleamhaint. Ní bhíonn sí go maith 'n-a ceann lé goin na ré: atharrughadh. Thug sé goin bháis do nuair bhuail sa bhathas é lé faobhar na ráinne: buille marbhthach. Is neamhthrócaireach an ghoin a thugais dom os chómhair na ndaoine nuair thugais bitheamhnach orm: an gortughadh, maslughadh.

goin: *b.2.* blúire, cáithne, dada. Tá gabhair thobac orm, tabhair dom goin bheag: oiread an fhrighe. Chuimil sé sop a's uisce de n-a raibh ann; níor fhág sé goin 'n-a dhiaidh: dada: blúire beag. Cuir uait do chuid cnáimhseáin, níl goin ort: faic, dada: tada.

goinideach: *a.* géar, cealgach, goirtightheach. Sin í an chainnt ghoinideach atá aige nuair thugann é féin ar bheith leamh: goirtightheach. An té a bhíos sa cheart bíodh gan bheith goinideach: cealgach: dian ar an té a bhíos sa mhícheart. Goinideach a dhóthain, ní beag liom de, atá m'alt ó casadh fúm é: tinneasach. Buillidhe goinideacha ag dul i luighe gaibhte orm a's gan neart mo chosanta agam: go raibh cealg a's ríog thinnis ag leanamhaint gach cinn aca. Ná bac san, d'fhéadfadh do chúrsa bheith níos ghoinidighe, ná fuil do shláinte agat?

goinim: *b.a.* goirtighim; deargaim ar, bascaim, créachtuighim, cealgaim. Is í cainnt is mó a ghoin riamh me Éireannach ag cáineadh a thíre: a ghoirtigh, a phianuigh im chroidhe me. Goineann sé go beó a mhuinntir é do bheith ag ól a's ag reic a shláinte, bíonn náire a's aithis ortha 'n-a thaobh: gaibheann sé tríotha. Níor ghoin arm teine riamh air, budh mhar a chéile bheith ag caitheamh air nó bheith ag caitheamh ar an ngealaigh: níor cuireadh rian créachta air. Chuaidh clipe éisc i súil m'órdóige a's ghoin ó thalamh ar feadh tamaill me: do chuir sé ríoga tinnis tríom. Goinfidh an ré ambáireach lé béal ceathramhan: atharróchaidh sí. "An ngoinim thu?", ars an dochtúir leis an othar nuair sháthaidh sé an tsnáthad ann: an ngoirtighim thu? Go ngoinidh sé thu maran ort atá an t-eagla roimis: go mbascaidh. Goineadh an siopadóir, nuair bhí a chuid gan fagháil díolta as aige ar fhear gan strus: buaileadh an bob go ceart air. Goinfead an cluiche seo chómh dearbhtha a's tá cártaidhe im láimh, cúig ní leigfead lé neach agaibh: buaidhfead an uile chúig.

goint: *b.2.* gonadh, créacht, cealgadh, bascadh; an uile chúig i gcluiche do ghnóthughadh. Stad! táir ghom ghoint leis an bpriocadh san, tá an áit sin tinn: leóchaileach: ghom chealgadh. D'iarraidh mé do ghoint ataoi leis an masla a's an dísbeagadh atá agat dhá dhéanamh ar mhuinntir mo cheanntair: do ghriogadh chun achrainn. A chroiceann chómh righin sin nár bh'fhéidir lé haon rud dá ghéire goint air: deargadh: créacht do dhéanamh air. Bheadh goint an chluiche aige mara mbeadh an chúig dheireannach do bhaint de: rith an chluiche gan chosc. Lé goint na ré tagann an tsean-néal air: atharrughadh.

gointe: *a.r.* buaidhte gan cosc. Tá an cluiche gointe aige: gach cúig fachta aige.

goir: *b.2.* áis; gar; deis. Budh mhór an ghoir dom dá mbeadh guthadán annso lé linn ganntair a's gan bheith orm siubhal chúig mhíle chuige: áis: deis: rud a shaorfadh ar dhuadh me. Ní haon ghoir duit fanamhaint sa Daingean ach an oiread lé Tráighlí, an costas céadna is é é: an rud buaidhte.

goire: *b.4.* aice, cómhgaracht. Fan 'n-ár ngoire-ne a's ní baoghal duit, cosnócham thu: 'n-ár dtreó: 'n-ár gcosaibh. An ghráin mhairbh agam ort, ná tair im ghoire ná im ghaobhar: in aice liom nó fiú amháin tamall uaim. Goire an bháis do do scannruigh é a aithrighe do dhéanamh: druideam an bháis leis. Nuair is géire an pian seadh is goire an chabhair .i. is

lugha a faid uainn. Dá ghoire dho dhuine a chóta is goire 'ná san do a léine: rudaidhe gur chuma leat puinn 'n-a dtaobh ach rudaidhe eile gur mhó agat iad de chionn a ghábhaidh ort. "Is minic gur b'é an té is goire don teampall nách é is goire don altóir": is luaithe chun aifrinn. Scannruigheas a ghoire a's chuadhas do thuiteam: ní raibh ach a rádh gur scaras leis. Dá mbeadh an ceanntar 'n-a luighe faic ní thiocfadh 'n-a ghoire sin: ní bhainfeadh galar ná breóidhteacht leis. Dhearbhuigh sé gan gul i ngoire na dighe go deó airís: í do bhlas. A ghoire dhom fáth mo bháidheamhlachta leis: an gaol fola eadrainn.

goire: *b.4.* glaodhach. Cloisim goire na n-éan ar chúl mo thighe sa churrach: glaodhach.

goirge(acht): *b.4. 7 3.* míbhéasamhlacht, buirbe, gairbheacht, cnáimhseálacht; dóighteacht. Goirgeacht na dighe sin goilleann ar mo scórnaigh, dar liom go ndeineann créacht tríthe síos: géar-bhuirbeacht. Goirgeacht an lae ar an bhfarraige a choisceas na hiascairidhe ar dhul amach: gairbheacht: fiadhaine. Sheachnófá é siúd lé n-a ghoirgeacht: mímhíne. Cad é an ghoirgeacht seo ort go bhfuil muc ar gach malainn leat?: gruamdhacht: canntlamh: dranntal. Ó ló go ló ag dul i ngoirgeacht liom do bhítheas gurbh éigean dom bailiughadh liom: gruaim a's míchéadfadh ag gach nduine liom. D'imthigh cuid den ngoirgeacht de nuair chuaidh sé ameasc daoine a mhíneóchadh é: eascaoineas: iomchar borb. Goirgeacht na cuideachtan budh bhun dom fágaint – béic a's scread a's liúgh aca: suaidhteacht: buirbeacht: neamhmíne. B'éigean dom mo léine do chaitheamh díom lé n-a goirgeacht: a gairbhe: a neamhmíne lém chroiceann.

goirgeach: *a.* garbh, míbhéasach, gruamdha, colgach. Bí goirgeach leis má bhíonn goirgeach leat: nimhneach: neamhthláith: má bhíonn tarcuisneach nó neamhchineálta tabhair an céadna dho. Imirt chómh goirgeach san dob eadh í, imirtheóiridhe dhá leagadh a's dhá gcur dá dtreóir gurbh éigean don bhfear cirt í do scur: neamhghlan: borb. Cuma ghoirgeach ag teacht ar an aimsir, scamaill bháistighe a's gaoth fhuar ann: sceamhach: spad-aimsireach. Is amhlaidh mar atá aige go bhfuil sé ró-ghoirgeach a's nách féidir bruic leis nuair chromann sé ar achmhusán: gonta, borb. B'éigean labhairt go goirgeach leis sarar fhág sé: bagarthach, teann. Láimseáil ró-ghoirgeach do thugais don ngloine gur bhrisis í: neamhréidh, neamhaireach. Deoch ghoirgeach í ná faghaim aon tsubháilceas 'n-a hól: garg: searbh-ghéar ar an gcarball.

goirgighim: *b.a. 7 n-a.* géaruighim, boirbhighim, fearguighim; goirtighim. Ná goirgigh é ar do bhás, ná habair faic a chuirfeadh míoghnaoi air, nó beidh it aghaidh ar an láthair: ná cuir colg air: ná mearuigh é. Is gearr anois go ngoirgeóchaidh an aimsir, tá sé san am di: go n-éireóchaidh sí garbh. Goirgigheann an sáile an chneadh: giobann í: nimhnigheann. Is maith is eól do féin go ndeineann a dhíoghbháil ar gach slighe ach goirgigheann sé é bheith ghá chasadh leis: méaduigheann sé ar a bhuaidhreamh. Goirgigheann cuimilt cneadh: árduigheann ar a pian.

goirgiughadh: *f.* (*-uighthe, -ighthe*) (do) bhoirbhiughadh; (do) ghéarughadh; (do) fheargughadh; (do) ghriogadh. Dréir mar labhairtí leis ag tabhairt chéille dho is ag goirgiughadh bhí sé: ag feargughadh. Bóna mo chasóige ag goirgiughadh na pochóide atá ar mo mhuineál: ag griogadh uirthe: ghá corruighe chun breis phéine. Anois má théighthí chun goirgighthe lé chéile a's gan bhur ndeocha d'ól fé chiúnas a's fé shult beidh an

doras agaibh. Mo mhallacht ar an saoghal maran b'é atá ag goirgiughadh orm, níl subháilceas agam a's níl fáilte ge haonne rómham: ag dul i ndéine orm. Is ait é an t-ól, deineann sé goirgiughadh ar an té is míne a's is macáinte: cuireann ar aiste iad go mbíd claon lé feirg.

góirín: *f.4.* stráice a chuirtear isteach i mball éadaigh chun a fairsingthe. Caithfear góirínidhe do chur id bheast, tá an oiread san coimpléis ag teacht duit nó pléascfair í.

goirm: *b.2.* focal ceana. "Is ó, goirm, goirm thu, is tú peata beag do mháthar": mo ghrádh thu. Mo ghoirm thu, sin í an imirt lúthmhar go bhfuil an snas uirthe!: m'anam thu!

goirt: (**guirt**) *a.* searbh, géar, saillteach, saillte; piantamhail; brónach. Iasc guirt: iasc saillte: go mbíonn leasuighthe ó shalann. Is goirt leó mo ghlór nuair táim bocht: neamhthaithneamhach. Dá mbeadh t'óráid gan bheith leath chómh goirt tabharfí breis éisteachta dhuit, ach bhís ró-dhian: searbh, ionsaidhtheach. Silfir fós deóra goirte a's do bhoigéis: goilfir go cruaidh i dtaobh do choda do chaitheamh chómh bog, neamhaireach. Seadh, is measa dhúinn é ná fuil sé goirt ná úr againn: mar seo ná mar siúd. Drocharán seadh é, mara mbeadh gur b'eadh ní thiocfadh blas goirt air tréis lae bácálta: blas an tsalainn. Goileadar go goirt: go géar, fuidheach.

goirte: (**guirte**) *b.4.* searbhas, ar aiste ghuirt, saillteacht; géire. Dubhairt an dochtúir leis – d'fhógair sé air é – gan aon bhaint do bheith aige lé goirte bídh: biadh go mbeadh salann ann. Marbhóchaidh san den tart tu lé n-a ghoirte: saillteacht: méid an tsalainn atá ann. Call ar bith níl lé goirte chainnte, budh chuibhe go mór dhúinn míne a's muinnteardhas: searbhas: itheam gearram. In a ghoire ní fhéadfá dul lé n-a ghoirte: oiread san salainn air.

goirteacht: *b.3.* ar aiste bheith goirt nó searbh, guilm. A ghoirteacht ná taithnigheann liom san aimsir the seo bheadh ort bheith ag síorthógaint deoch. "Tá goirteacht air chuige" .i. an fonn 'san sáthadh a bheadh ar dhuine thartmhar chun dighe.

goirteamas: *f.1.* aiste bheith goirt; aon rud a bhíos goirt; searbhas. Ní réidhtigheann goirteamas leis, órdughadh ón ndochtúir aige gan baint leis ach lé rudaidhibh úra: aon rud go mbeadh salann nó saillteacht ann. Ní bhíonn ach goirteamas i láthair na cuideachtan nuair ná bíonn an rud agam: searbhas. Cad a gheóbhainn ón lucht gorta ach goirteamas, an rud a fuair gach aonne riamh uatha: an rud budh mheasa b'fhéidir leó. Cuirir goirteamas im bhéal: ní thaithnigheann do ghlór liom.

goirtighim: *b.a.* bascaim, ghním díoghbháil de, goirgighim, griogaim, goillim ar. Is duine thu a ghoirteóchaidh é féin lá breágh éigin mara bhféachair rómhat ar an bhfuadar scléipeach atá fút: a bhascfaidh: a dhéanfaidh a dhíth. Goirteóchaidh an capall tu má satallann ort: máchaileóchaidh. Tá sé an-ghoirtighthe agat, cad a dheinis leis a thug fearg do chur air: gonta. Ní ghoirteóchadh sé aonnidh beó: ní thabharfadh cúis do phéin do. Ní ghoirteóchadh sé aonne síntiús do thabhairt dos na bochtaibh: ní bhrathfaidís é. Má ghoirteóchadh sé thu, an diabhal do ná go leighisfeadh chómh tapaidh thu, sin é saghas é:

má dhéanfadh do dhíth. Níor ghoirtigh deoch ná dhá dhigh aonne riamh, ní mar sin a's amplóir do dhéanamh díot: ní dhearna díth dho.

goirtiughadh: *f.* (*-uighthe*) ar aiste ghoirt. Cuirtear iasc ar goirtiughadh i soithidhibh: ar leasughadh. Níl aon ghoirtiughadh mór ar an ím seo, is fada ó locht: saillteacht.

gol: *f.1.* sileadh deór; an glór árd truaighmhéileach do déintear lé linn buaidhrimh; caoi; béiceach; uallfartach; tormas. Mar dubhairt an bhean ná raibh clann aice – mara gcuirid ag gáiridhe sinn, ní chuirfid ag gol sinn": ní bheid 'n-a gcúis bróin againn. "Níor bh'fhada ó n-a gol a gáire": pusaire í gur cuma léi ceaca: ní fada a leanfadh buadhairt í. Duine ag gol a's duine ag gáiridhe, sin mar tá riamh a's a bheidh go deó: cuid fé bhuadhairt: cuid fé áthas. Ní deacair leis cromadh ar ghol is furaiste uabhar do chur air: deóra do theacht. Tá an t-ádh leó san bhFrainnc mara mbeid ag gol 'sag béicigh ar bhiadh: ag lorg go glórach, gruadhfhliuch. Cheannuigh sé ró-dhaor an tigh sin a's tá sé ró-chostasamhail, cuirfidh sé ag gol é: cuirfidh sé aithreachas dóighthe air. Cé chuir mo leanbh ag cneadghail ghuil?: tocht n-a ghlór a's sileadh deór leis. Chonnac féin é ag gol anuas dá shúilibh: chómh corruighthe buadhartha go raibh srutháin dheór leis gan chosc gan staonadh. Nách tú an rud guil ná sásóchadh milis ná searbh thu: cneamhaire: rud gan chruadhas. An clódh aindeis a bhí air, do bhainfeadh gol as an gcloich ghlais: deóra le truagh.

golaidhe: *f.4.* ainm leinbh do ghrogaire faoilinne.

golán: *f.1.* caoi. Is mór go léir an golán é le tormas: an t-éigheamh a's deóra.

golfairt: *b.2.* béiceach a's cneadghail ghuil; gnúsghail mhuice; uallfartach madra. D'aithnigheas ar an madra gur b'amhlaidh do buaileadh é ar an ngolfairt do bhí aige: béiceach tinnis. An chráin ag golfairt san eatrain lé hocras: ag gnúsghail go láidir. Is beag an gholfairt a bheidh os chionn do chuirp mar nách pudhair lé neach thu!: caoi ná deóra.

gonta: *a.r.* goirtighthe, máchailighthe, deargtha ar; bascuighthe: géar, cliste, pras; cealgamhail. Lá gonta a gheóbhadh go smior tríot gan do choisce cluthaireachta: géar-nimhneach lé fuacht. "Ní fhágfam meidhil beó dhíobh, ní fágfam máirnéalach ar muir aca ná saighdiúir ar talamh" ars an fear a bhí ag maoidheamh. "Buailmsciathacht!" arsa fear a bhí ag éisteacht. B'shin carbhall gonta: géar-shearbh. Táim gonta i gceithre háit, chuaidh cheithre piléir tríom: goirtighthe: créachtuighthe. Imthigheann ar seachrán go minic gan fios a thriall aige; tá an inchinn gonta ann: iomard uirthe. B'fhearr liom gan dul i dtreis argóna leis, tá sé ró-ghonta dhom, faobhar ar gach focal aige: róghearrthach. Fuaireas buille gonta i gcuing an mhuiníl a dhein stalca dhíom: buille géarghoirtightheach. Rud an-ghonta seadh dealg i súil do mhéire: cealgach: géar-mhothálach.

gontach: *a.* ar aiste a ghoirteóchadh, a dhéanfadh créachta. B'fhearr liom rud éigin ní budh neamhghontaighe 'ná scian chun súgradh i láimh leinbh: is lugha a fhágfadh rian goirtighthe air. Bíonn an cairche (bhaghar) deilgneach ró-ghontach, dá raghfá in achrann ann: goirtightheach.

gontacht: *b.3.* géire, líomhthacht clisteachta. Nuair labhair sé ag cáineadh a's ag daoradh imtheachta a raibh déanta as an slighe ní raibh neach láithreach a fhéadfadh freagra do thabhairt air lé gontacht a bhriathar: géire áitimh. Mara mbeadh a ghontacht a's bhíos tréis an bhuile ná fuil a fhios agat go n-éireóchainn: a ghoirtighthe a's bhíos. Gontacht an lae a's a leanas é atá ag gabháil tríom: an ghoilleamhaint ghéar atá déanta aige orm.

gor: *f.1.* suidhe ar uibhibh chun gearrcach do thabhairt amach; do bheith ar aiste beatha a's beó do thabhairt do ghein uibh; othar cneádha. Glór na circe guir atá agat!: balbh, neamh-anamamhail: gan fuinneamh. Budh dhóigh lé duine gur chearc ghuir é: gan anam ná preab: duine suaidhte a's cuma bhreóidhte air. Cearc ghuir: cearc a bheadh 'n-a luighe ar uibhibh chun sicínidhe do thabhairt amach lé teas a creata: cearc gan puinn maitheasa. "An ar gor ataoi annsan?" deirtear lé neach a bheadh i bhfad sa tsuidheachán chéadna. Máthair ghuir: máthair shúidh.

gorachas: *f.1.* teas, téadhamh. A ghabhal leathta aige ar an dteine ag tabhairt gorachais do féin: dhá théadhamh féin go maith: ag leigeant don dteas gabháil tríd oiread a's fhoidneóchadh sé é. Gan an gorachas ceart ar iarann ní féidir é do tháthughadh lé chéile: a theas san go mbíonn bog soighreamuighthe.

goradh: *f.* (*-rtha*) (*iol.* goraidhte, goraidhe) teas an-láidir, aoirde bhreóidhtighe; miotal leachta; miotal ar aiste a liocuighthe a's a cheapadh. Séid na builg, ní mór tuilleadh teasa leis an iarann chun gortha do chur air: é do dheargadh go mbí so-lúbtha, soicheapuighthe. Tabhair cao dho dhuine éigin eile anois ar an dteine, tá goradh maith tugtha agat-sa dhuit féin: téidheamh: an oiread teasa a's go bhfuil rithte fút. Chaitheadh sé faid gach nfhaid ag goradh a phínt cois na conntabhartha lé súil go dtiocfadh duine éigin isteach a sheasóchadh do: fada, righin, mall. Níor tháthuigh an dá iarann 'n-a gceart, ní raibh an goradh ceart ortha. Cuir goradh luaidhe ar sin a's ní bheidh ag sileadh: luaidhe leachta do leigeant air. Fuaireas goradh má fuaireas riamh ón mbeirt aca, ní fheadar ceaca budh dhéine in áiteamh orm: cainnt the, theasaidhe. Is mór an goradh do fuair sé ón dtaom úd, níor fhan a dheilbh san éadach: beirbhthean breóidhtighe gur chaith sé leis. Ar a dhá dhícheall déag d'iarraidh na háite do bheith aige deirim-se leat go bhfuil sé ghá ghoradh go maith: ag gabháil de go te a's go dlúth. Táir ghod ghoradh féin fén ngréin: ag leigeant di taithneamh ort go sásta. Tháinig goradh maith gréine lé seachtmhain: teas maith.

goraim: *b.a.* téidheamhuighim; deargaim iarann; leighim luadh, grianuighim; fanaim i bhfochair ag faire. Gor tú féin leis an ngrianán teine sin, tá do chuid éadaigh tais: teidheamhuigh tú féin go mbrathair teólaidheacht na teine ag rith fút. Ní féidir lé haonne a rádh ná go bhfuil an duine breóidhte gortha go maith agat: fartha: aire tugtha dho. Luighfead fén ngréin ar an ngainnimh a's gorfad mo chorp: téidheamhóchad me féin go mbí teas a's teólaidheacht trím chreat. Gor an t-iarann go mbí bán-dhearg, annsan is furaiste dhuit é do cheapadh ar do rogha cuma: tabhair teas teine dho. Níl na huibhe gortha gen gcirc fós: oiread ré teasa tugtha dhóibh a's bhéarfadh na gearrcaigh amach.

gorm: *a.* aon cheann des na néalaibh datha a bhíos ar an spéir lá geal gréine; ceann des na seacht dathaibh bunaidh. Táir gorm ón bhfuacht: dath na fola atharruighthe ionat ar dhath nádúrdha na spéire. Bheifeá gorm ó bheith ag gáiridhe fé, tá sé chómh greannmhar san:

chuirfeadh an gháiridhe chómh mór san ort go n-iompóchadh an fhuil mar sin. Mara mbeadh nár mhaith liom fear gorm do dhéanamh díom i lár a raibh ann d'ósclóinn a shúile don mbruachán bheith ag tromaidheacht ar aonne ná raibh láithreach: duine corr: duine ná beadh ar dhath nó ar aon aigne leis an gcómhluadar. B'é gnóth na bhFear nGorm feighle do dhéanamh ar an gcósta: aicme máirnéalach a cuirtí ar an gcuma so tréis tréimhse do chaitheamh i gcabhlaigh. Chómh gorm lé máilín an ghuirm: an máilín 'n-a leachtar an gorm lé cur ar éadaighibh nighte. Ní dubh atá do shúil in ao'chor ón mbuille ach dubhghorm: néal mar dhath na spéire innte. An spéir ghorm; an mhuir ghorm.

gorm-: *i gc.fh.* Féar gorm-ghlas go bhfuil cothughadh ann: lé méid agus saidhbhreas a ghlaise tagann néal de dhath na spéarach air. Cad atá tagtha ar an mbainne seo go bhfuil sé gorm-bhán?: síog ghorm tríd annso agus annsúd. Tonnta gorm-uaithne na farraige: uaithne a's síogaidhe gorma tríd.

gormán: *f.1.* fear dubh. Phós sé gormán mná: bean go raibh a cneas dubh. Ná bí id ghormán annsan, tair eadrainn: mar bheadh duine nár bhain leis an gcinidh bháin.

gormuighim: *b.a. 7 n-a.* iompuighim nó tugaim ar an ndath san, faobharuighim; cuirim cruaidh in iarann. Gormuigheadh go maith i gceárdchain an scian so, is fada go gcasfaidh an béal innte: cuireadh fadhairt innte. Ghormuigh a chloidheamh chun catha: chuir faobhar nimhe air. Chómh luath a's chonnaic sé go raibh beartha sa bhfoghail air ghormuigh aige: tháinig dath an ghuirm ar a chuid fola lé faitchíos. Ghormuigh an oiread san aige ná féadfadh focal do labhairt: d'atharruigh a lígh ar an ndath san lé reacht feirge. Gormóchaidh sé fé mhaidean má bhíonn air an fuacht so d'fhulang: leathfaidh an fuacht é nuair lagóchaidh rith na fola ann. Do dhubhaigh a's do ghormuigh aige: tháinig fíoch air a choisc a úrlabhra, a's a dhein stalca dá chuid fola.

gorta: *b.4.* ocras, easbhaidh ghéar, fóirleathanadamhail bídh i gceanntar áirighthe ar uain áirighthe; ceal earra áirighthe; gainne; sprionnlaitheacht. Is baoghalach go mbeidh gorta sa bhFrainnc mara leigtear earraidhe a's biadh isteach chúiche: ceal go bhfuilngeóchaid clampar a's b'fhéidir bás féin dá chionn. Ní rabhas i ngiorracht d'aon tsiopa lé laetheanntaibh, tá gorta thobac orm .i. níl pioc den luibh agam. Nuair thagann na samhraidhe róthe, róspallta bíonn gorta uisce ar an mbaile, mar ná fuil ann ach toibrín gan puinn maitheasa ar an uain is fearr é: easbhaidh chlamparach. Ní nár dóibh go deimhin bheith maoidhteach as a bhflúirse a's nár hairigheadh riamh aca ach an gorta: an fíorghanntanas. Tugadh gorta dho ag obair dóibh: ní bhfaghadh sé ach fíorbheagán lé n-itheadh. Tá an gorta orm tabhair rud éigin lé n-itheadh dom: ocras trom. "Leigfeadh fuil fuil 'on ghorta ach ní leigfeadh fuil fuil do dhortadh": b'fhéidir ná cuirfidh sé puinn mairge ar dhuine gaol do do bheith go holc as lé hocras, ach ní móide go leigfeadh sé a chuid fola lé fear a bhuailte gan troid. Lá 'n-a ghorta a's lá n-a rósta aige: lá gan faic a's lá go n-iomad. "Fógraim an ghorta go tír na dTurcach ó anocht go bliadhain ó anocht, a's anocht féin a bh'áil lé Dia": deirtear so ameasc leanbh fén dtuath oidhche Cinn Bhliadhna ar bhualadh bollóige aráin ar chúl an dorais trí huaire a's greim do bhaint aiste tréis gach buille.

gorta: *a.* cumhang, caol, sprionnlaithe, suarach. A ruidín gorta scrios as mo radharc nó tógfad lé barra na bróige thu: a shuaracháin (a bheith ag teacht sa tslighe orm). Budh dheacair fear chómh gorta fé n-a chuid d'fhagháil: sprionnlaithe. Ná roinn chómh gorta san é, gan oiread an fhrighe ag aonne againn: cumhang, sprionnlaithe, cinnte. Iasc gorta seadh é, nách fiú do bhreith abhaile: mion, suarach.

gortach: (**gartach**) *a.* sprionnlaithe, cruinn, coimeádtach ar chuid, sanntach. Rud gortach ná feicfeadh a chroidhe dá mbeadh sé ar a bhais aige: neamhfhial. Greim den mbiadh níor tafantadh orainn a's é go flúirseach ar an mbórd aca, nár ghortach an líon tighe iad: ceachardha: neamhchlaon le rud do thabhairt uatha. Níl sí gortach: tá sí fial. Is mairg a bhíos gortach a's bhíonn dealbh 'n-a dhiaidh: ní bhíonn faic buaidhte ge duine lé lón do dhéanamh de rud ná teastuigheann uaidh óir go n-imthigheann leis. Pé nidh atá agat is é an rud gortach é .i. ní bhfaghaidh aonne a bhlas.

gortach: *f.1.* duine sprionnlaithe, cruinn. Ná cuir tú féin chun an éitigh leis an ngortach san, ní thabharfadh san amharc an lae dhuit dá mbudh fé do bheadh: duine gur rogha leis bás d'fhagháil ná scaramhaint lé n-a chuid. Bead im ghortach feasta, róbhog dom riamh: im choimeádaidhe cruinn.

gortughadh: *f.* (*-uighthe*) do thabhairt ocras dos na daoinibh. Tá Sasana ar a croidhe díchill d'iarraidh na Gearmáine do ghortughadh le cluiche a caladhphort: do chur lé hocras a's ceal. Ligfeadh duit gortughadh: dul chun báis 'e cheal bídh.

gortuighim: *b.a. 7 n-a.* tugaim ocras do. Gortóchaidh an cogadh so formhór na ndaoine má leanann sé i bhfad, mar ná seasóchaidh biadh dhóibh: raghaid chun báis. Gortóchair ar an ndroichbhiadh san: gheóbhair bás air.

gortuighthe: *a.r.* curtha chun báis lé ceal bídh. D'fhág na tighearnaidhe talmhan na daoine leath-ghortuighthe lé tromchíseannaibh a's géirleanamhaint: ar chlódh gan leath a ndóthana do bheith lé n-itheadh aca.

gósta: *f.4.* taidhbhse, samhail. Cad d'imthigh air, níl ann ach a ghósta: séithleach caithte croithte. Gósta gránda tighe lán d'fhuacht a's d'fheannaid: tigh mór aragail gan cuma shlachtmhar air.

gothadh: *f.1.* (*iol.* gothaidhe) cuma, teasbánadh, sméideadh, luaill, goic bhagartha, maig. Cuir gothadh oibre ort féin nó brisfidh an saoiste thu, tá cuma an díomhaointis ort: clódh go bhfuil fonn gnótha ort. 'n-a shuidhe ag bórd a's gothadh air os chionn páipear a's leabhar: cromtha anuas. Is mór an fhaillighe atá déanta agam lé laetheanntaibh anois, ach cuirfead gothadh níos fearr orm féin anois: mothalóchad chun breis chrota do chur orm féin a's ar mo chúram. Ná tagadh aon eagla agat roimis an mbuailimsciath sin, níl aige ach gothaidhe: cumaidhe bagarthacha. Ar an ngothadh céadna atá sé mar bhí sé riamh, lom, caithte: ar an gclódh céadna. Dá dtrian rinnce gothaidhe: "seópáil" is mó a bhaineas leis. Deirim leat, agus creid uaim é, ar an slighe atáir ag cainnt go bhfuil drochghothaidhe fút: droichimtheachta. "Tá gothaidhe móra agat, cuid mhaith" (deirtear lé seanbhlas): fuadar árd a's gan aon ghníomh ghá leanamhaint. Sé an gothadh atá ar an gcogadh anois

ná féadfadh aonne a rádh an fada nó geairrid do sheasóchaidh sé: an t-imtheacht atá fé. Tá gothadh air go dtuitfidh sé: clódh claon lé tuiteam.

gothamhail: *a.* fonnmhar, claon lé. Ó nár thugas fé ndeara go raibh sé gothamhail chun gluaiste linn, ní dhearna mórán tafanta air: fonnmhar. Ná bí chómh gothamhail chun troda a's béarfair do mhaididhe leat trís an saoghal i bhfad níos fearr a's níos subháilcighe: claon chun troda.

grabach: *a.* garbh, manntach, cainnteach. Talamh grabach: screathain: áit aimhréidh. Cuir fiacla isteach, tá do bhrosna gránda, grabach: manntach. B'fhearr dhuit-se anois gan bheith chómh grabach ameasc daoine fásta, táir ró-óg chun bheith páirteach i gcómhrádh: cainnteacht: deiliúsach.

grabaire: *f.4.* teallaire, gadsádaidhe, deiliúsaidhe, ógánach clódhchaiseach, duine seanchríonna i gcainnt nó i ngníomh. D'árdóchadh mo ghrabaire leis mo leabhar gan a chur im chead, im iarraidh: rud deiliúsach. An amhlaidh adeirir liom go bhfuil an grabaire beag san chun na mná móire sin do phósadh?: an duine beag clódhchaiseach san. Grabaire seanduine ná tabharfadh atúrnae aighneas do: go mbíonn mórchuid cainnte deiliúsaighe aige. Nuair briseadh an long annso ag bun an tighe is cuimhin liom go maith é, ambaiste bhíos im ghrabaire maith garsúna: "chun fiadhaigh": chun caoinlidheachta. Ná tabhair aon tor air, grabaire magaidh seadh é: áilteóir grinn.

grabaireacht: *b.3.* deiliús, pras-chainnt. Ní grabaireacht do theastuigheann in ao'chor ach freagra ar na ceisteannaibh do cuirtear chughat: deiliús: cainnt thighearnamhail: táthaireacht: teallaireacht: cainnt as an slighe. A lithéid de ghrabaireacht a's bhíonn aige i dtaobh an chogaidh a's ná feadair sé faic mar gheall air: praschainnt a chuirfeadh leamhas ort leis.

grabanta: *a. n-dh.* seanchríonna, clódhchaiseach. Tá sé siúd glic, ach bí-se grabanta do dhóthain do, ná leig faic leis: cliste, aireach. Duine grabanta é sin ná leigfidh faic ar bóiléagar uaidh: seanchríonna: aireach ar a imtheachtaibh. Táir ró-ghrabanta dhom in aighneas, fágfad an fear maith agat: tighearnamhail. Chaithis-se a raibh agat ag ceannach dos na garsúnaibh eile, mar bhíodar ró-ghrabanta dod lithéid-se de bhreallán: róchliste.

grádh: *f.3.* cion, searc, leagadh, báidheamhlacht, gean, taithneamh, cumann, rún; carthanacht. Mo ghrádh go daingean thu, a leinbh, cad thárlaidh duit: lé linn truaigh a deirtear é seo, nó "mo ghrádh go dealbh, bocht etc. thu". Mo ghrádh géar thu! tá fuinneamh id ghlór! mo chuisle thu: tá cion mo chroidhe agam ort as do bheart. Mo ghrádh lém chroidhe thu! a's dá mbeadh sé agam ó chroiceann amach ní locfainn ort é: cion mo chroidhe thu. Ar ghrádh Dé, scaoil uait me!: ar son Dé féin. Budh mhór an grádh Dé greim do thabhairt lé n-itheadh dho, tá sé ag siolagar: gníomh ceart carthanachta. Níl aon ghrádh Dé annso ach é: aonne is mó atá i ngábhtar rud do thabhairt do lé n-a bhoichtineacht. Mo ghrádh thu a's rud agat! faid a's bhíonn cabhair ná cóngamh ionat beifear buidheach, beannachtach díot. Mo ghrádh ó mhaidean thu, seachain tú féin ar an gconntabhairt: mo ghrádh do shíor thu. "Mo ghrádh a's mo laogh thu, a's téanam liom abhaile": chun meallaireacht san nó i ndáiríribh cheart. Grádh éagmaise atá air: grádh do

dhuine éigin atá i gcéin. Grádh gan gean atá agat dom: taithneamh ar son mo choda nó ar son cad bhuadhfá liom. Is mór an nidh grádh nó eagla .i. goillid go trom orainn: ní haon dóighthín iad. Galar gan náire grádh nó tart: cuirid iad féin in iúil, agus is éigean iad d'fhriothóilt. Tart deireadh an óil, brón deireadh an ghrádha" .i. an té go mbíonn grádh rómhór aige is baoghalach go n-éimtear é. "An chéad ghrádh mná, an dara grádh fir": sin iad is tréine. An grádh ná bíonn láithreach fuarann sé: nuair bhíonn naoidhe an ghrádha i gcéin is móide a dhearmhad. Pógtar an leanbh lé grádh don mbanaltrain .i. bíonn duine mór leó so a bhaineas leis an té go mbeadh rud uaidh uait. Nuair laguigheann an lamh laguigheann an grádh: nuair nách cumas agat do lámh do shíneadh chúcha imthigheann an meas aca ort. Ar ghrádh Sheáin do dheineas é: ar son. Grádh don ól d'fhág ar an bhfán é: an iomad ceana. Chuir sí suas dá ghrádh: níor leig sí dho grádh do dhéanamh léi: d'éim sí é. Grádh cealgach ag mnaoi, a's grádh dearbhta 'n-a dhíol uaim: cion meallta... cion daingean, fíor. Tréis na haimsire go léir ag suirghe léi a's annsan leigeann lé fear eile í, grádh fuar a bhí air: cumann gan fonn. Beirt iad ná fuil aon ghrádh amugha eatartha: ná fuil cion ar bith aca ar a chéile. Ní cómhairleach ar aonne grádh .i. an té a bhíos i ngrádh dhéanfadh sé rudaidhe aite ná déanfadh gan é do bheith. "Níl grádh ná só níos mó ag éinneach ná a anam do thabhairt ar son a charad" (Eón XV. 23): cumann ceanamhail. Táim báidhte i ngrádh léi (dhi): go doimhin, trom. Ceileann grádh gráin: an té a bhíos i ngrádh ní feictear locht do. "Bíonn an grádh caoch a's an díthcéille ghá chinnireacht": ní taidhbhsightear locht ar bith don té a bhíos i ngrádh ar a leanán agus bíonn an díthcéille do shíor ghá threorughadh.

-ghrádh: *i gc.fh.* cion. Duine gan tír-ghrádh ná cómhairceóchadh ar son a dhúthaighe: gan cion uirthe: caise cumainne. A dhian-ghrádh mo chléibh: grádh díochra. Fuar-ghrádh atá agat do, mara mbeadh gur b'eadh do phósfá é: éadtrom. Ná tabhair cluas do n-a bhréithribh meala, bréag-ghrádh atá aige dhuit .i. is amhlaidh atá sé ag leigeant air. Le teas-ghrádh dóibh chaitheadh sé a shaoghal ag saothar dos na bochtaibh: mór-ghrádh, díoghraiseach.

grádhach: *a.* ceanamhail, grádhmhar, miochair, modhamhail. Ná bíodh aon támáilteacht ort rud do lorg air, fear grádhach lé labhairt leis é, ar ár gcuma féin: miochair, lághach: a thaithneamhóchadh leat. Duine grádhach a dhéanfadh aon mhaitheas duit a fhéadfadh: cineálta: séimh. Labhair sé go grádhach liom, ghom chomhairleach cad budh cheart dom a's nár cheart dom do dhéanamh: míonla, séimh. Beart ghrádhach ní dheárna sé i rith a bheatha: deaghmhaitheach. Peata é go gcaithfear bheith grádhach leis nó goilfidh sé: cineálta: ceannsa. Bíonn sé an-ghrádhach liom: ceanamhail orm.

grádhaim: *b.a.* measaim go ceanamhail, cumannach; tugaim caise ceana dho; bím anshásta lé: tugaim mian do (lé). An té ná grádhann Dia is é an truagh é: ná tugann an cion do Dhia is dual do. "An té a ghrádhas an chonntabhairt is baoghalach gur léithe thuiteann sé": gur mian leis dul innte go rómhinic. Ní ghrádhfainn é: sheachnóchainn é. Grádhann sí lé n-a croidhe thu: go mór. "Agus grádhóchaidh tú an Tighearna, do Dhia, léd chroidhe uile, lét anam uile agus léd chómhacht uile" (Deut. VI. 5): tabharfair t'anam, do smaointe agus do neart go hiomlán do lé cion do chroidhe. "Cá faid, a dhaoine leamha, ghrádhóchaidh sibh leimhe" (Seanráidhte I. 22): aoibhneas do bhaint aiste. Cé hé ná grádhann an t-anam?: ná fuil cion ar a bheatha shaoghalta aige.

gradam: *f.1.* árdchéim, mór-mheas, cion, suim, urraim, áird; éileamh. B'fhearr liom gradam na ndaoine 'ná mórshaidhbhreas: meas agus áird. Níl aon ghradam agam do namhaid mo thíre: cion: leagadh: báidheamhlacht. An gradam a bhí ag Sasana ó thíorthaibh lasmuigh, tá sé ar feódhadh: an áird agus an cháil a bhí uirthe mar chómhacht. Fuair sé gradam thar aonne ar m'aitheantas: is mó an meas agus urraim a bhí dho. Tá gradam agam do: meas mór air féin agus ar a bheartaibh. An rud suarach atá déanta agat ní breis ghradaim duit é: áird na ndaoine ní móidide thu é. Gach áit 'n-ar ghaibh an taoiseach fuair gradam na slóighte: meas agus urraim.

gradamach: *a.* uasal, ionurraime, ionghráidh. Cé hé ná beadh leagadh aige leis? cá bhfaghfá fear chómh gradamach?: ionghráidh. Daoine gradamacha gur bheag leat a ndéanfá dhóibh: uasal 'n-a slighthibh. Is eagal liom ná fuilim chómh gradamach díot agus is dóigh leat: go bhfuil oiread áirde agam ort.

grádhamhail: *a.* ceanamhail, cumannach, báidheamhail. Ceaca den mbeirt aca is grádhamhla ar a thír? – an bleácach a mhaoidheas gur fearr leis maireachtaint ar a son, nó an té gur méine leis bás d'fhagháil go cródha dhi: is mó ceana: is dílse dhi. Teanga ghrádhamhail gan aigne ghrádhamhail: teanga mhilis gan cion na haigne léi. Ainmhidhe grádhamhail madra: báidheamhail, dílis don duine. Budh ghrádhamhla do bheinn ort dá bhfanfá as mo radharc, mara cuirir an ghráin mhairbh agam ort léd liostacht: is mó go mór an bháidh do bheadh agam leat. Duine ró-ghrádhamhail ort féin tusa, ní mór an duadh chuirir ort féin le haonne: duine gur bh'fhearr leis díomhaointeas ná lámh chónganta do thabhairt. Bímis grádhamhail ar Dhia mar is é túis ár n-uile mhaitheas é: cion, urraim a's umhalaidheacht againn do. Is deacair do dhuine a rádh ceaca is grádhamhla leis a athair nó a mháthair: ceaca is mó aige fé mheas a's fé chion.

grádhamhlacht: *b.3.* aiste bheith grádhamhail, ceanamhail; séimhe; ceanamhlacht. Lé grádhamhlacht an duine dhéanfá aon rud ar a shon nuair ná corrófá cos do dhuine eile: séimhe fiúghantach. Budh mhór an ghrádhamhlacht uaidh tú do phógadh: ceanamhlacht: meónaidheacht ghrádhamhail. Budh dheacair bheith briste leis lé grádhamhlacht: meónamhlacht: séimhe a chómhráidh a's a iomchair.

grádhmhaire(acht): *b.4.* $_{7}$ *3.* meónaidheacht cheanamhail; sochmacht; miochaireacht; módhamhlacht. Grádhmhaireacht ar fad seadh é, ní thógfadh faic ar dhuine ná ní lugha ná déarfadh: sochmacht: réidhe dochorruighthe aigne. "A lithéid de ghrádhmhaireacht a's fuaireas ó mhuinntir na hÉireann ar feadh mo lonnuighthe 'n-a measc cuimhneóchad go ceanamhail choidhche air: do bhíodar sochma cáirdeamhail liom: miochaireacht: deaghaigeantacht. Grádhmhaireacht anois! ná téightear chun seanbhróg air mar scéal, caithidh uaibh a's glaoidhtear deoch: suaimhneas a's míneacht meóin. Ní grádhmhaireacht go dtí é má fuair aonne riamh is me fuair, ag dul tríom isteach lé lághaiche: rómhuinnteardhas le súil tairbhe. Dein grádhmhaireacht leis a's beidh sé agat: bí séimh, lághach leis. Grádhmhaireacht na bhfear dá chéile budh chuing muinnteardhais eatartha: an tsubháilce sluagha: comhthuigsint a's cómhbháidheamhlacht.

grádhmhar: *a.* soimheanma, sochma, modhamhail, síbhialta. Bí grádhmhar leis is raghaidh sé i gceanamhlacht ort: síbhialta: go réidh-labhartha. Is fíor-bheag den gcainnt ghrádhmhair do fuaireas uaidh ach gach focal go raibh colg air: sochma: neamhbhunoscionn. Dá ghrádhmhaire do bhíos leis seadh is mó a bhí a chuthach ag éirghe chugham: dá shochma: dá shubháilcighe mo bhriathra d'iarraidh a mhaoluighthe. Is annamh chómh grádhmhar do, tá a thnúth lé rud éigin: chómh síbhialta, lághach. Duine grádhmhar i gcómhluadar i gcuideachtain nó ar a theinteán féin gur fada go gcloisfear drochfhocal, maoidheamh ná ceisneamh uaidh: sítheach, sóghach, sochma.

grádhughadh: *f.* (*-uighthe*) do thabhairt grádha, taithnimh, ceana etc. dho. Grádhughadh Dé a's na cómharsan cómhartha ceart an Chríostaidhe: cion croidhe do thabhairt. Órduigheann an aithne seo Dia do ghrádhughadh os cionn an uile nidh a's do chomharsa mar thú féin: do chion, t'urraim, a's do mheas ar fad do thoirbhirt. Nuair bhíonn rud uaidh bíonn sé ghom ghrádhughadh: ag foillsiughadh a cheana dhom.

grádhuightheóir: *f.3.* duine a ghrádhas. Grádhuightheóiridhe Dé cuirid Dia rómpa os chionn an uile nidh: iad so go mbíonn an searc ceart aca dho. Pósann sí an maimilíneach san a's a lia grádhuightheóir scafánta d'éimh sí: leanán: duine a thug taithneamh di. Grádhuightheóiridhe na teangan: na daoine gur mian leó a hascna.

grafadh: *f.* (*-ftha, -aidh*) do bhriseadh uachtar na talmhan lé grafán; fiadhaile a's salachar do bhaint lé grafán; talamh a gheibheas an déanamh san. Níl rómhar ná grafadh ionat, a liaghairne: nílir i ndán an talamh do shaothrughadh: diabhal maith ionat. Garrdha an ghrafaidh. Is mór an grafadh atá déanta agat ar an dtalamh garbh úd: míniughadh: saothrughadh chun a churtha. Na Grafaidhe .i. ainm bailte.

grafadóir: *f.3.* duine a dheineas grafadh .i. a chóirigheas uachtar na talmhan i gcóir a churtha nó a bhaineas fiadhaile as; curadóireacht.

grafadóireacht: *b.3.* obair an ghrafadóra; ag obair ar churadóireacht.

grafaim: *b.a.* oibrighim lé grafán, bainim fiadhaile, cóirighim uachtar na talmhan. Ghrafainn a's rómharfainn: táim deislámhach ar obair churadóireachta.

grafán: *f.1.* úirlis chun an chroicinn do bhaint de bhán nó aitinn do bhaint.

grágallach: *b.2.* grág árd cearc. Na cearca ag grágallaigh: ag déanamh mórghlóir ag lorg bídh nó lé scannradh.

gráidhínteacht: *b.3.* mealltóireacht, mealladh, do chur ghnaoi ar dhuine. Bí ag gráidhínteacht leis a's b'fhéidir go suidhfeadh sé ar do ghlúin, labhair go caoin leis: bí d'iarraidh é do mhealladh. Níor bh'aon mhaith a chuid gráidhínteachta, ní thiocfadh sé chun tláithínteachta leis: iarracht a shásta. Ní thiocfadh sé chun gráidhínteachta liom dá gcuirinn ó bhais go bais é: chun muinnteardhais.

gráidhte: *a.r.* ar aiste grádh nó taithneamh do bheith tugtha dho. Táim gráidhte go maith aige d'iarraidh ruda d'fhagháil uaim: taithneamh tugtha dhom. Nách mór mar tá an áit seo gráidhte aige seachas aon áit eile, nách mór go bhfágann sé in ao'chor é: tuitighthe i ngean leis.

gráig: *b.2.* baile carraigeach.

gráin: *b.2. 7 5.* déistean, míothaithneamh, col, náire, aithis, doc, míodhúil. Chuirfeadh a shailicheacht an ghráin mhairbh agat air, ní fios cathain do nigh sé é féin: míothaithneamh do. Gráin ag Dia air!: go n-iompuighidh Dia uaidh. Má tá an ghráin ag aonne ar obair is aige atá: ní maith leis í do luadh, fiú amháin. Thug sé gráin don ól: míoghnaoi: d'éirigh col mór aige dho: fuath. Cé ná fuil aon ghrádh agam don nduine níl aon ghráin agam air: fuath .i. bheinn ag bruic leis. Is fada fé ghráin aca an t-iasc: nách mian leó é. Thug sí an ghráin shaoghalta dho: níor fhan aon chion aice air. Gráin ort mar bhás!: is tú a árduigh uaim a raibh agam: mo mhallacht ort. Bíonn an ghráin dhearg (dearg-ghráin) aice air i dtaobh bheith ag ól: míothaithneamh. Thiocfadh (bheadh) an ghráin ort féachaint air leis an dtuargaint a bhí fachta aige: déistean. An rud do bheifeá ag itheadh go rómhinic thiocfadh an ghráin agat do: fuath 'n-a choinnibh. Ar eagal gráin do chur orm aige leigeas do féin: míoghnaoi agus mímheas.

gráineamhail: *a.* uathmhar, déisteanach, fuathmhar. Piast mhór fharraige go raibh cuma ghráineamhail uirthe a scannróchadh an t-anam ionat: uathmhar, uathbhásach. Fuair sé bás lé galar gráineamhail éigin go raibh an tsrón ag caitheamh de: fuathmhar: crithneamhail. Is fada Sasana agus an Ghearmáin gráineamhail ar a chéile, ach is gráineamhla le chéile anois iad 'ná riamh: fuath fíochmhar eatartha. Fan amach uaim! tá boladh gráineamhail uait: déisteanach: a chuirfeadh casadh it aigne. Is gráineamhail é a fhéachaint, ní mór go leigfeadh eagla dhuit amharc air: gránda: míoghnaoidheamhail. Budh ghráineamhail liom a bhualadh cé go raibh sé tuillte aige: níor thaithneamhach liom. Áit ghráineamhail seadh é agus daoine gráineamhla atá ann: uathbhásach.

gráineamhlacht: *b.3.* uathmhaireacht, déisteanacht, fuathmhaireacht. An biadh 'n-a ghoire ní fhéadfainn dul lé n-a ghráineamhlacht, bhí boladh lobhtha uaidh: a uathbhásaighe a's bhí crot air. Dá ghráineamhlacht agus bhí sé liom budh chuma liom, ag tabhairt tarcuisne agus easonóra dhom, budh mhó mo thruagh dho: a neamhlághaiche: a ghoirgighe agus a neambéasamhlaighe. Lé gráineamhlacht a chuid cainnte ní fhéadfá éisteacht leis, diabhail as deamhain a's draostacht ar siubhal aige: déisteanacht. An ghráineamhlacht atá aca ar a chéile ní maithfid dá chéile go deó: an fhuathmhaireacht atá aca dá chéile. Chuir gráineamhlacht na cortha an ceanntar ar fad ar barr ithearach lé feirg: déisteanacht: uathbhásacht: saghas cortha a chuirfeadh bréantas ar dhuine.

gráineóg: *b.2.* ainmhidhe oidhche beag, deilgneach, bleachtach tímcheall deich n-ordlaighe ar faid, a mhaireas ar fheichididhibh, gárlach; duine beag, goirgeach. Ná bain leis tá sé ar nós na gráineóige .i. goirgeach: chuirfeadh cealg tríot. Gráineóg bheag mhná: bean intseachna, neamhmhaiseamhail.

gráin-mheilt: *b.2.* mion-bhrúscar, blodhtacha, mionramh. Níl áit gur ghaibh arm na Gearmáine ná go ndearna gráin-mheilt de gach rud 'n-a slighe: blodhtacha: níor fhág sí cosnamh os cionn a chéile. Nuair shatail an capall ar a chois dhein sé gráin-mheilt di lé n-a meádhachtaint: do bhris a's do bhrúigh í. Deineann an t-inneall brúighte gráin-mheilt des na carraigeachaibh: mion-chlocha. Deineadh gráin-mheilt des na háruistidhibh nuair leagadh ar an úrlár iad: mionramh.

grainnc: *b.2.* gnúis mí-mheas; cuma ghruamdha, míchéadfadhach; dúrántacht. Chuir sé grainnc air féin chugham nuair dubhras leis fágaint, ná raibh aon cheart aige bheith láithreach: cuma ar a ghnúis nár thaithnigh leis a's ná raibh fonn air fágaint. Nár imthighidh an ghrainnc díot maran ort atá an fionnadh chun aighnis: cuma aingciseach. Bíonn grainnc éigin i gcómhnaidhe, ní fheacamair riamh thú gan: cuma mhíchéadfadh. Cuir díot an ghrainnc a's beifear níos buidhthighe dhíot: an driuch míchéadfadhach, míoshásta. Grainnc air toisc nár leigeamair lé n-ár gcois é: dúrántacht: ar a ghnúis is soifheicse nách áil leis é. Grainnc shrón: srón chasta anáirde.

gráinne: (**gráine**) *f.4.* síol beag cruaidh plannda, san arbhar, coirce, eórna, cruithneacht, seagal etc.; adhdbhairín; roinnt (cuid) bheag; an fionnadh in adhmad. Gráinne gunna: púirínidhe luaidhe. Beidh gráinne maith ar an ngort san: mórán sa chraoibh de, pé saghas arbhair atá ann. Téighir ag triall ar ghráinne té is siúicre: ádhbhairín díobh. Gráinne plúir ná gráinne mine níl sa tigh againn: a rian. Is deacair plánáil i gcoinnibh an ghráinne, éirigheann sé 'n-a sciolpachaibh in ionad scúghacháin: i gcoinnibh an fhionnaidh: an creat: an treó 'n-ar fhás sé. Ní dóigh liom go ndéanfadh sé beart chómh gráineamhail leis, bheadh sé i gcoinnibh an ghráinne aige: fuathmhar: in aghaidh a aigne 'sa mheóin. Tá gráinnidheacha sneachtaidh ann: ádhbhar de shneachtadh chruaidh. An déanamh do chonnac ag an mbráighe dá fhagháil ó n-a lucht coimeádta, bascadh agus tuargaint cuireann sé gráinnidheacha ar mo chuid fola cuimhneamh air: téachtuigheann sí. Cuireann t'iomchar gráinnidheacha ar mo chuid fola lé náire aon ghaol do bheith agam leat: téigheann di rith go nádúrdha. "An bhfuil arbhar maith agat?" – "gráinnidheacha": oiread a's nách ceart gearán. Chuaidh gráinne fém shúil: blúirín beag de rud éigin mar bheadh síol. Gráinne gainnimhe. Taobh an ghráinne den leathar: an taobh garbh. Caith gráinne salainn ar an iasc: beagán salainn. Cuir gráinne eile míne uait féin ann: adhbhairín breise. Cuimil leis an ngráinne é: bí ag tláithínteacht air.

gráinne: *b.4.* mísciamh, mí-áilne; ar aiste bheith déisteanach don súil; míomhaise. Gráinne na háite do chuir an ruaig air, gan cnoc, sliabh, loch, abha ná farraige lé feicsint aige ach réadh fairsing tuinn ar nós na mara: mísciamh: neamhthaithneamhacht don súil. Gráinne an lae atá ag teacht linn nár mhaith linn tabhairt fén bhfarraige: a mísciamh: an chuma neamhmín, chonntabharthach atá air. Choidhche ní scarfair ar aonach ná ar mhargadh leis lé gráinne a dhéanamh: an mhíochumthacht: gan a thaidhbhseamh don súil slachtmhar ná sciamhach. Is mór gur measa gráinne na cneádha 'ná a tinneas: an clódh neamhthaithneamhach atá uirthe.

gráinneach: *a.* lán de ghráinne; ar chuma an ghráinne. Adhmad gráinneach é seo: na sleamhancacha fáis lé feicsint go hiomadamhail ann. Coirce bocht seadh é, níl an chraobh ró-ghráinneach: i mbarr na déise lé hiomad síl.

gráinnighim: *b.a. 7 n-a.* tagaim chun gráinne; deineann gráinne dhe. Nách fada go ngráinnigheann sé a's a fhaid a's tá sé curtha: go dtagann an chraobh air agus síol innte. A dhóthain leasuighthe a ghráinneóchadh go luath é dá gcuirtí leis é: a chuirfeadh síol ann. An ngráinneóchaidh an ghoilleamhaint seo choidhche?: an dtiocfaidh sí chun cinn? Ghráinnigh sé fé n-a chois é: dhein é do mhionbhrughadh.

gráinseach: *b.2.* iothla; áit taisce gráinne maidir lé tighthibh. Ní teann í do ghráinseach ar theacht do scríb léith an earraigh: t'iothla is olc an geall í chun stuic do chur thar an ndubhluachair.

gráinseachán: *f.1.* aon tsaghas arbhair beirbhthe.

gráinseáil: *b.3.* fuighleach gráinne; fuighleach aon tsaghais bídh; brocamas; d'itheadh go mall mar bheadh ainmhidhe ar lorg gráinne annso a's annsúd. Bí ag gráinseáil leat, beidh an chuid eile den mbiadh chughat: ag itheadh leat mar gheibhir. Caith gráinseáil éigin chun na muice sin tá sí ag gnúsghail gan stad ó mhaidean: fuighleach, nó aon tsaghas bhídh a gheibhir caothamhail. Ar fhan aon ghráinseáil feóla tréis na proinne, mar má fhan d'íosfainn é, tá laigidheacht ocrais orm: earrasbarr. Bailigh an ghráinseáil tímcheall na stácaidhe is maith í chun síl: an méid a thuiteas as an gcoirce. Seadh gheibhim gráinseáil uatha, cé nách mór lé rádh é: salacharghail bhídh. Cad é gráinseáil atá ge n-a fhiaclaibh: glór coganta. Tair a's bí mar chách, ameasc na gráinseála: biadh do baileófí chun a chéile 'n-a bhlúire a's 'n-a bhlúire annso a's annsúd ar an dtoirt. "Connus tá ag éirghe leis an aindeiseóir fé láthair?" – "buaileann gráinseáil éigin i gcómhnaidhe": rud éigin a fhágtar mar fhuighleach nó ná teastuigheann.

gráinseóir: *f.3.* díoghlamach, bailightheóir; cnuastóir. Drochghráinseóir seadh thu, féach a bhfuil de léasachaibh id dhiaidh. Is maith na gráinseóiridhe géanna: cuarduighid go cúramach dícheallach na gráinnidheacha a fhanas tréis an fhóghmhair. Gráinseóir dícheallach dob eadh Rút.

gráipéar: *f.1.* úirlis iarainn go gceann casta chun dulta ceangailte i rudaidhibh ar thóin an phuill mar ancairidhe, líonta etc. Chuir sí a "gráipéir" im fholt a's strac léi me: crobhanna fada, láidre.

graiseamhail: *b.3.* dríodaráil bhídh; clabarach; an méid a leanas don árus. Caith an ghraiseamhail chun na muc, ní haonne a íosfaidh é chómh maith: dríodaráil gan éifeacht tréis na béile.

gramaisc: *b.2.* gráisc, cóip, daoscar, bruscarshluagh, bruithnisc; an chuid is miona (mine) agus is lugha d'aonnidh. Bhailigheadh gramaisc an bhailtín tímcheall ar an éigeas sráide ag gabháil ruacán: rudaidhe beaga (leanbhaidhe). Thógais féin an chuid budh mhó a's dob fhearr díobh - nidh nách iongadh san – agus d'fhágais an ghramaisc agamsa – nidh nách iongadh airís: an dríodar. Focal cainnte ní leigfeadh gramaisc na gcúlshráideann as a bhéal ach ag béicigh a's ag faoidhfrigh fé: an chóip: sluagh gan riar gan smacht. Is í an ghramaisc éisc is measa dá bhfeaca riamh í: mion, suarach, truaillighthe.

gramhaisíneach: *f.1.* duine beag go mbíonn cainncín beag grainnceach air; clódhchaiseánín. Maran tú an gramhaisíneach agam a's gan aoirde mo ghlún ón dtalamh ionat ag tabhairt gach re seadh dhom: duine beag tighearnamhail, ughdarásach. Gach aon ghramhaisíneach díobh dá óige a's dá luighead ag imtheacht lé scléip: daoine óga ughdarásacha.

gramhas: *f.1.* cainncín, grainnc, gruaim. Sin é gramhas atá air, ní fhéadfadh sé gan bheith sprionnlaithe: an chuma atá tímcheall a bhéil air. Rud éigin ag cur as duit ní foláir liom a's an gramhas atá ort: cuma neamhshubháilceach: púic. In ionad aithreachais do bheith air as cad do dhein sé is amhlaidh do chuir sé gramhas air féin chugham: scagadh fiacal lé gáiridhe míbhéasach. Tá gramhas air chun scillinge do dhéanamh "ruibe": fonn lé tabhairt fé ndeara 'n-a ghnúis.

gramhasach: *a.* beó, beódha, anamamhail. Fuaireas suidhte sa chúinne go gramhasach é, dá mhéid aois atá aige: anamamhail. I ndomhnach tá sí go gramhasach .i. go maith sláinteamhail suimeamhail sa tsaoghal cé nár b'iongadh mara mbeadh. Gan oiread an fhrighe ann a's tháinig sé chúig mhíle ar teachtaireacht, go gramhasach: go tighearnamhail. Féach, dá mhéid meas agat ort féin go raibh súd ró-ghramhasach duit: róghlic. Má táid óg féin táid go gramhasach: cruaidh, beódha dá dtoirt a's dá n-aois. Nách gramhasach a labhair sé leat a's gan cúis fén spéir aige ort: tighearnamhail, aibidh.

gramhascar: *f.1.* dríodar, trufais, daoscar-shluagh. Chaithfeadh sé a lá 'sa shaoghal ameasc gramhascair na sráide, dá bhuirbe iad b'é a bhuac é: sluagh callóideach, achrannach. Bailigh an gramhascar bídh sin chun na muc ní haonne a fhéadfadh a itheadh: fuighleach. Ní fiú dhuit mo bhuidheachas d'fhagháil as ar ithis, is oth liom ná raibh ann ach an gramhascar: brúscar: fuighleach gan tairbhe.

gramhasghail: *b.3.* drannadh, dranntán; cnáimhseáil. B'fhearr liom me d'eiteach 'ná é ghá thabhairt dom leis an oiread san gramhasghala é, budh dhóigh leat go mbeadh sé scriosta ge n-ar thug sé uaidh: cnáimhseáil: tormas: doicheall. Airgead i mbannc aca a's gramhasghail an domhain uile ortha connus mhairfid: cnáimhseáil, béal bocht ortha. Tréis na gramhasghala go léir a's a dhearbhadh ná beadh aon bhaint aige leis, féach gur ghlac sé é: cnáimhseán míoshásta.

gramthaisc: (**graimthisc**) *b.2.* scata miondaoine, fuighleach gan tairbhe; an chuid is measa d'aonnidh. Gramthaisc ná tabharfainn do mhucaibh a raibh lé fagháil lé n-itheadh againn: trufais. Gramthaisc éisc seadh é: iasc mion. Níl nbhur bhfuirinn ach gramthaisc gan clódh ná cuma ar aonne aca: dramhfhuigheall: dígh. Caith 'on aoileach an ghramthaisc sin, níl ann ach cnámha a's sceanairt: fuighleach nách fiú d'ídeach: drascar.

gramsae: (**dramsae**) *f.4.* díorma daoine óga. Cá bhfuil gramsae an tighe seo?: na "rudaidhe beaga": leanbhaidhe.

gramhsaire: *f.4.* scabhaire, dranntánaidhe, táthaire. Éist, a ghramhsaire, ná bíodh an oiread san cainnte agat; lé daoinibh i bhfad níos aosta 'ná thu: teallaire: duine deiliúsach.

Gramhsaire é sin go mbíonn a theanga ’n-a leathbhéal aige, ag magadh fés gach aonne dar leis: táthaire: duine drochlabhartha, treasnálach. Sé dubhairt mo ghramhsaire liom nuair loirgeas mo chuid air, dul ag feadghail dom féin: duine drochmhúinte. Raghadh an gramhsaire sin ag áiteamh ar rud ná beadh aon eólas aige air ach oiread lé bonn a bhróige: duine teidealach, neimhiongtach. Níor mhaith liom bheith im ghramhsaire leis: im theallaire: bheith ag tabhairt gach re seadh dho.

gramhsóg: *b.2.* duine go mbíonn gramhas air. Gramhsóg í sin ná sásóchadh an Mhuma í a’s í do bhronnadh uirthe. Nách míoshásta an duine thu – chuirfeadh an rud is lugha ar domhan gramhsóg ort: smailc.

grán: *f.1.* púirínidhe beaga. Á, mhuise, is maith do theastóchadh adhbhar gráin uaidh!: é do lámhach. Grán garbh; grán reamhar; grán mion; grán beag.

gránlach: *f.1.* clais ghráinne brúighte; aon rud ’n-a bhrúscar. Deineadh gránlach dá cheann i gcoinnibh an fhalla go raibh an inchinn ar sileadh: deineadh mionramh de. Bailigh an gránlach ar fad atá ar fuaid na hiothlann: an brúscar gráinne a thuiteas as an arbhar. Dhein an pléasclach gránlach den luing: blodhtacha: coda beaga.

gránna: (**gránda**) *a.* mísciamhach, fuathmhar, déisteanach. Cuireadh gearradh gránna ’n-a mhalainn lé stacán cloiche – chídhfeá an cnámh: olc: neamhthaithneamhach leis an súil. Budh ghráinne liom go mór caipín ort ’ná hata: budh neamhthaithneamhaighe: ní thaidhbhseóchadh chómh maith. Budh ghránna liom é d’eiteach air: dob olc liom: níor bh’áil liom é. Budh ghránna leat féachaint air, tá sé chómh dona san: ní bheadh t’aigne leis. Deineadh go gránna ort é gan cuireadh do thabhairt duit, a’s a raibh sa tigh dá fhagháil: an-dhubh: neamhghalánta. Is gránna an mianach atá indiugh ann: ní mór go bhféadfá féachaint siar air: neamhshubháilceach. Tugann an dath san cuma ghránna ort: neamhghleóite.

grás: *f.1.* taise nó trócaire diadha, toil Dé, báidh. Na grásta geala chughainn: tabharthaisidhe maithe chughainn. Grásta ó Dhia chughainn, ná fanfá socair: deaghthoil an tsuaimhnis. Go dtugaidh Dia grásta na foidhne dhúinn: an tabharthas go n-iomcharóchaimís ár gcros go críostamhail. Dé bheatha grásta Dé: sléachtam do thoil Dé. Nách breágh na grásta do thug Dia dho a’s bheith chómh macánta: tabharthas: aiste. Dá bhfaghadh sé na grásta ní fhéadfadh sé é do dhéanamh: tabharthaisidhe ó neamh. A mhuire na ngrás(t) cad dhéanfad anois? Bíodh grásta Dé leat, dein do leas a’s téighir abhaile: deaghthoil. “Níl tuile ná trághann ach tuile na ngrás”. B’é grásta Dé gur thug sé na cosa leis: faic eile ní shaorfadh é.

grásach: *a.* ar aiste na ngrás(t). Duine breágh grásach ná deineann díoghbhail aonne: deaghthoileamhail, mín, macánta. Ní go ró-ghrásach do labhair sé liom, b’fhuraiste do dhuine cainnt budh mhíne ’ná í bheith aige: rólághach.

grasádaidhe: *f.4.* ógánach. Dá bhfaghainn aon ghrasádaidhe a rithfeadh i dteachtaireacht dom: buachaill a bheadh áiseamhail.

grasaer: *f.3.* ceannuightheóir muc. Budh dhóigh leat gur grasaer é ar an gcuma ghléasta atá air: é i gclódh maith éadaigh.

grásaereacht: *b.3.* ceannach muc.

grásamhail: (**grástamhail**) *a.* deaghthoileamhail, macánta, síothchánta. Is tú an leanbh neamh-ghrásamhail gan aon stad ort ach ag cros: gan tréith na socrachta do bheith ann. Mín, macánta 'sis grásamhail an chuma 'n-a bhfuil sé: tabharthastamhail: is mór an bhail air bheith mar sin. Is minic ag triall ar a Dhia é, is grásamhail a chaitheann sé a bheatha: go diamhóideach. Mar bheadh duine ciallmhar, bí grásamhail a's ná tairng aon achrann: mín, subháilceach. Mac mío-ghrásamhail ná fanfadh socair ar neamh: ná bíonn tabharthas na síothchána ann. Duine grásamhail ná beifeá cortha choidhche de bheith 'n-a chómhluadar: subháilceach, taithneamhach i meón.

grásamhlacht: (**grástamhlacht**) *b.3.* deaghthoil, tabharthas, geanamhlacht, tláthacht. Tá grásamhlacht éigin ó Dhia ar na hiarrachtaidhibh troma atá fachta aige a's na cosa tugtha leis aige: fabharaidheacht. "Bíonn sí ag síorphaidireóireacht" – "cá ngeóbhadh an ghrásamhlacht": diamhóideacht: cráibtheacht. Faid bhí an duine malluighthe úd 'n-ár measc ní raibh aon ghrásamhlacht againn, tuar mioscais in aon áit é: síothcháin ná suaimhneas. Mar tá an ghrásamhlacht ag baint riamh leat, dein síothcháin eatartha san: míneacht.

gráscas: *f.1.* achrann, imreas, coimheascar, dríodar, dramhfhuigheall. Gráscas mór aoir os chionn Lonndain greadadh teine ag eiteallánaibh ag pléascadh a chéile: cath. Ní fios d'aonne cá faid geairrid a mhairfeas an gráscas so idir an nGearmáin agus an bhFrainnc: an cogadh marbhthach, malluighthe, neamhbuidheac. Bíd i ngráscas in aghaidh an lae i dtaobh rud éigin: in achrann. Caith goblach ameasc scata faoileann a's chídhfir cad é gráscas a bheidh aca ghá sealbhughadh ar a chéile: achrann a's screadach. I mbéal an bháire bhí na himirtheóiridhe i ndlúthghráscas d'iarraidh na liathróide do bhaint dá chéile: ag tuargaint 'sag suathadh go trom. Dein rud orm a's fan uatha, ní haon chomórtas d'fhear ghalánta mar thusa gráscas mar iad san gan tabhairt suas: dríodar.

grásmhar: *a.* fabhrach, deaghthoileamhail, báidheamhail. Beidh Dia grásmhar leat ach dein maith na mbocht: tabharthastamhail. Duine grásmhar go bhfuil gach aon rud fachta ó Dhia aige agus é tuillte aige: go bhfuil na subháilcidhe aige.

grásmhaireacht: *b.3.* miochaireacht, subháilceacht, geanamhlacht. Lé luighead na grásmhaireachta do fuaireas uaidh, ní mór ná gur chaith sé sa bhéal orm é. Is beag den ngrásmhaireacht ag baint lé n-a chuid cainnte, ach diabhail a's deamhain a's achrann: mánlacht.

grathain: *b.2.* scata d'ainmhidhthibh, d'éanlaithibh, d'fheicididhibh nó d'aon rud suarach, daoscar-shluagh; an chóip. Oiread a's práta níor fhág an ghrathain phríocán ar an ithir gan a sciolpadh: scaoth, seód, scuaine. Is salach barcach an duine é, níor nigh sé a chuid éadaigh cnis lé fada an lá, tá grathain mhíol air: clais ghránda. Bhailigheadar in aon

ghrathain amháin chun mo bhasctha, ó gach cúlshráid ar an mbaile: sluagh suarach, gomhamhail, gan smacht, gan riaghail.

gré: *f.4.* girrfhiadh.

greabhascáil: *b.3.* creimeadh, giobghail, miondráil, miocaireacht. Ní mór é a fhoghail ar an mbiadh, aon rud ach go mbíonn sé ag greabhascáil air: ag priocaireacht air go héadtrom: ag baint sciolpaidhe beaga dhe. Bíd ag greabhascáil leó ar chlárachaibh an úrláir, go ndeinid puill dóibh féin mór go leór chun gabháil tríotha: ag mionbhriseadh lé n-a bhfiacalaibh. Loibh na teornapaidhe leis an sioc, mar a raibh greabhascáil na gcaorach ortha: mion-mhanntaidhe asta. Bí ag greabhascáil leat go raghair i dtaithighe an bhídh: ag baint mionbhlúire as.

greabhascálaidhe: *f.4.* duine nó ainmhidhe a bheadh ag creimeadh ar rud. Súmaire ná raghaidh aon mhaith go deó air ná fuil misneach an bhídh aige. Níl ann ach greabhascálaidhe, ní bheadh dóthain duine ithte go ceann coighcís aige: duine ná bíonn ach ag blaistínteacht ar a chuid. Dhein na greabhascálaidhthe poll mór sa lochta: creimightheóiridhe (luchaigh, franncaigh). Greabhascálaidhthe seadh coinínidhe nách fearrde aon ghort barra meacan go mbíd n-a threó: priocadóiridhe.

gread: *f.3.* buille cruaidh, buille fuinneamhail leis an mbais, spriogadh. Géill don seanfhocal adeir, "ná neartuigh mall", ná dein aon ghread air chun é do chur chun imeartha, tá sé teasaidhe a dhóthain cheana: spriogadh: brostughadh. Thug sé gread maith treasna an leathchinn dom a chuir réilthínidhe orm: leiceadar: basóg fhuinneamhail.

gread-: *i gc.fh.* te, teasaidhe, tinneasmhar, searbh. Chaith sé an oidhche airéir ag scréachaigh lé tinneas, tá an gread-loscadh air: cosc ar a chuid uisce. "Meaththeine do mhuicfheóil a's gread-theine (greadóg) do chaora: teine mhall...teine the, aibidh. An capall ag imtheacht fiadhain ag gread-léimeadh na gclathach: ag léimeadh go mear, lúthmhar. Gread-ruathar ort, pé rud do sheól 'n-ár dtreó thu: ruagadh scannraidh go gcuirtear as an áit seo ort. Tháinig gread-ghaoth ón dtalamh a sheól go héascaidh sinn ar ár gcúrsa: gaoth láidir, theann. Bhí sé ar an ngread-rás is fearr dá bhfeaca lé fada – deirim-se leat ná raibh fuacht ar chapall ná ar mharcach: rás te, dian. Gread-thinneas i mbun a dhroma nuair chuireann roimis éirghe go ndéineann lúbán de: tinneas go leanann ríoga é. Is fada ár namhaid dár ngread-phasáilt: ghár bpasáilt go fíochmhar. An ghaoth ag gread-stialladh na gcrann: ghá mbualadh go fiadhain a's ghá dtuargaint.

greadadh: *f.* (*-dtha*) bualadh trom, te, stialladh, ciapadh, loscadh, dóghadh, tíoradh, scalladh, scóladh, cuid mhór mhaith; siubhal a's fuinneamh. Thaithnigh feabhas na hóráide lé n-a raibh láithreach go ndeárnadar greadadh bas: bualadh bas. A cosc níor bh'fhéidir ach í ag greadadh a bas 'sag lógóireacht lé brón: ag bualadh go mear cruaidh go rabhadar te. D'iompuigh sí chúiche an leanbh a's thug greadadh maith dho ar a thóin. Mórchuid buillidhe fuinneamhla lé n-a bais. Ní fheadarais ach an greadadh atá amach trím shúil: bualadh tinnis. Thug sé an-ghreadadh teangain dom, níor fhág sé thíos ná thuas orm: ionsaidhe cainnte. Fuaireas greadadh ón saoiste toisc a bheith déidheannach chun oibre, deirim-se leat gur fada airís go mbead: "béal": gearán trom míchéadfadhach

liom mar gheall ar m'iomchar. Is cuma dho maran gcuirfidh an greadadh a fuair sé ón uisce te máchail lé n-a shaoghal air: an scóladh: milleadh an chroicinn a's na feóla lé teas nó gal beirbhthe. Faid a's táim im bheathaidh ní fheaca a lithéid de ghreadadh gréine (báistighe, teineadh, gaoithe, etc.): cuid mhór de a's é go dian. Druid siar ón ngreadadh teineadh sin nó cuirfidh sí leitreacha id loirgnibh: teine go bhfuil teas a's fuinneamh innte. Greadadh ón saoghal dhá fhagháil aige ó bhí sé i gcóta na cabhlach, ní mór an subháilceas ná an suaimhneas do bhlais sé: géirleanamhaint. Ní hé sin atá ghom ghreadadh féin in ao'chor, ach cuirfidh sé ort gan aon iongtas tríd air, ach ná cuir air: ghom chiapadh. Fuair sé greadadh a's loscadh ón uisce fliuchaidh: milleadh an cneas 'san fheóil. Dhá fhuirinn mhaithe iad a thabharfaidh greadadh maith dá chéile: beidh imirt the, thapaidh eatartha. Bímís ar greadadh nó beam déidheannach: ar deabhadh mór. Bí ag greadadh an bhóthair: ag cur díot go mear, tapaidh. Bíd ag caitheamh go rabairneach, bíonn greadadh ar airgead aca: mórchuid aca dhe a's iad ag baint áise as. I Sasana agus ins an nGearmáin tugann an dá thaobh greadadh dá chéile ón spéir: dóghadh agus loscadh. Greadadh chughat mar airgead maran gann gannchúiseach ataoi: mío-ádh ort. Bhí an tigh lé greadadh aca é féin a's a raibh: lé loscadh 'n-a luaithreán. Beidh greadadh ar iasc má bhíonn sé ann: daoine ar a gcroidhe díchill d'iarraidh beartha air. Táim ar greadadh ó mhaidean: ar siubhal (ag obair) gan sos. Chuirfeadh sé greadadh ar chroidhe naoimh bheith ag éisteacht lé n-a chnáimhseáil gur dhóigh leat air gurb air a bhí iomard a's duadh na cinidh daonna. Greadadh croidhe cráidhte chughat:! go raibh rudaidhe ag déanamh mórbhuadhartha dhuit. Beidh an-ghreadadh aca (cainnt nó eile): beidh sé go te eatartha.

greadáil: *b.3.* bualadh maith, mear, suathadh. Is iomdha greadáil do fuaireas a's me im leanbh i dtaobh bheith crosta ach ní fhanadh a gcuimhne agam: bualadh leis an mbais. B'fhéidir go n-éisteóchadh sé anois tréis an méid sin greadáil teangan d'fhagháil: léasadh: bualadh dian.

greadaim: *b.a.* dóghaim, loscaim, scólaim, léasaim, stiallaim, buailim go mbí an rud te, spriogaim, saighdim. Gread as mo radharc: imthigh go pras. Gread do bhasa anois 'n-a dhiaidh, tá fuar agat bheith ghá lorg: buail do bhasa lé brón. Greadfaidh an teine sin thu má théighir rógheairrid di: beidh do chuid feóla 'n-a spóla tinn aice. Ná gread tú féin!: seachain tu féin. Is maith a ghreadfá bóthar lá dá rabhais: do shiubhalfá go mear. Curtha suas a dhóthain atá sé, ná gread a thuille é: ná spriog é: ná bain chun feirge é. Gread ort, is fada uait deireadh fós: léan ort go géar, láidir. Greadfaidh an gluaisteán san id bheathaidh thu má bhíonn sé ag cur duaidh mar sin chómh minic sin ort: clipfidh, liathfaidh. Táim greadta (greaduighthe) gen saoghal, a's ní hiongadh é, máchail nó iomard éigin orm in aghaidh an lae: dóighte: ciapuighthe, cráidhte.

greadhal: *f.1.* glór, fuaim, torann. Mara raibh greadhal ag an ngaoith ameasc na gcrann ná cloisfeá duine ag poll do chluaise: torann. Scoiltfeadh sé do cheann an greadhal a bhí aca ar an mbainis, rinnce, amhráin, gáiridhe, béiceach: clagairt: gleódh. Budh dhóigh leat ná raibh agat ach aon lá amháin saoghail ar an ngreadhal oibre atá ort: an glór greithileáin. Néal den oidhche ní chodlóchainn i dtóin na seanluinge ag greadhal franncach: glór reatha a's glisiam ranngáis.

greadall: (**greideall, greideal, greadal**) *b.2.* scláta mór cruinn iarainn a's dhá chluais air chun aráin do bhácáil air. Arán greadaille. Dá bhfaghadh sé ar ghreidill thu d'iompóchadh sé thu! .i. tá sé an-neamhthruaighmhéileach.

greadhan: *f.1.* glór, gleódh áthais, monabar. "An mart is mó greadhan is é is lugha bleacht" .i. an bhó is aoirde géim. Cuirir greadhan ar mo chroidhe tú d'amharc: éirigheann mo chroidhe lé háthas. Chuirfeadh greadhan an tsrotha chun suain thu: monabar: glór caoin.

greadhnach: *a.* glórach, áthasach, lúthgháireach. Beidh croidhe greadhnach aca nuair bheidh an buaidh aca: áthasach: geal. Is é ná fuil an chúis aige bheith greadhnach a's a bhfuil imthighthe uaidh go dochraideach: áthasach. Ní greadhnach liom a bhfuil tuitighthe go holc ort: ní haoibhinn liom.

greadhnach: *f.2.* aon radharc budh thaithneamh leat. Adóchad greadhnach theineadh a thabharfaidh teas a's subháilceas díbh: teineadh sheascair. Mo ghreadhnach lém chroidhe thu: is tú gean mo chroidhe.

greadhnán: *f.1.* aon rud solasmhar nó ruithneach. Tá greadhnán leis an gcorcán a bheirbheóchadh na clocha glasa: teine dhearg go bhfuil ceól innte. An greadhnán atá ar na fuinneógaibh lé buidhiughadh gréine go bhfuil dath an dearg-óir ortha: drithlinneach: ruithne: glinneamhaint.

greadóg: *b.2.* buille fuinneamhail leis an mbais; stiall ghoirtightheach; braon dighe a thabharfadh do ghoile dhuit nó a bhíodhgfadh duine, "ruibe de chlúmh na con" céadna; teine bheódha. An ghreadóg do fuair sé, níor bh'aon díoghbháil do é, b'fhéidir ná beadh sé chómh fiadhain a's go múinfeadh sí ciall do: an stiall: an buille a bhí tuillte aige. Na heitealláin atá ag tabhairt na ngreadóg dos na bailtibh fé láthair: stiallacha gonta. B'fhearr liom mo cheann bheith ar aonne eile ar an láthair, tá sé chómh tinn san tréis an áirneáin, faigh greadóg dom, féachaint an raghadh aon fhaoiseamh air: braon dighe a chneasóchadh 'sa bhíodhgfadh me. Fuair an bád árd-ghreadóg farraige 'n-a ghualainn thosaigh: uain a bhain fuaim agus crothadh aiste.

greaduighthe: (**greatuighthe**) *a.r.* dóighte, scólta, ruaidhte, seirgthe, buailte, lascuighthe. An churadóireacht greaduighthe i mbéal na cré gen spalladh tiormaigh: "dóighte": seirgthe leis an dteas. Mo chroidhe maran b'é atá greaduighthe agat, ag síorlorg orm: dóighte, buaidhrighthe. Bheifeá greaduighthe aice ag éisteacht léi ag cur síos ar na cómharsanaibh: clipighthe gan sos. Greaduighthe ó thalamh gen uisce beirbhthe: scólta. Na daoine greaduighthe gen gcogadh gcéadna: cráidhte buaidhrighthe. Táim greaduighthe mo dhóthain gen gcluiche sin: an iomad airgid caillte agam tríd.

greaindidhe: *f.4.* taithneamh, gnaoi. Is mór go leór an greaindidhe atá tugtha don áit seo agat go gcaithir do laetheanta saoire gach aon bhliadhain ann: taithneamh: leagadh aigne. Fear seadh é nár thugas aon ghreaindidhe riamh dá choidreamh: ná raibh aon taobhaidheacht riamh agam leis. Cé hé ná tabharfadh greaindidhe dhi a's í chómh naoidheanta san: nár bh'áil leis í.

greallach: *b.2.* cré a's mion-ghrean, salachar, pluda. Dhein na hainmhidhthe greallach de pháirc an aonaigh: phasáladar uachtar na talmhan go ndeárnadar pluda dhe. Téigheann na heascúin i bhfolach i ngreallach tóna na habhann .i. an salachar 'san grean.

greallach: *a.* salach. Bóthar greallach: pludach.

greallach: *b.2.* baineannach neamhghlan, neamhfháiscighthe. Greallach ná fuil aon chúram i mbun tighe ná áite aice, ná bíonn slacht ná glanachar ar aon rud 'n-a diaidh. Go saortar sinn, deineann na pléascáin aoir seo greallach des na daoinibh bochta do bhuaileann siad: mionbhrughann.

greamach: *a.* ceangailteach, daingean, dlúth. An dá ghadhar chómh greamach san ar a chéile nár bh'fhéidir iad do chur as chochall a chéile: iad i ngreim dlúth a chéile. Ná bíodh aon eagla ort go gcaithfidh sí puinn ar aonne, sé atá go greamach ar a phingnidhibh airgid: ní furaiste iad do scaramhaint leis. Beireadh partán lé n-a órdóig ort a's beidh a fhios agat cad is fáscadh greamach ann: fáscadh dlúth. Ná bí chómh greamach ar do chapall, nó ní dhíolfair choidhche é: gan fonn scartha leis. Ar na beannaibh atá ar an ancaire sin déarfainn go bhfuil greamach: go gceanglóchadh sé go daingean ar tóin puill. Níl aol chómh greamach lé barracht: ní dheineann dlúmh chómh doscaoilte dhe. Tá do bhean an-ghreamach ort, ní fhagann sí an chos agat: coimeádtach. Chómh greamach lé cat ar thaobh falla: greim dlúth ingean do bheith aige. Cuirtear líonta iarainn i mbarracht d'fhonn a's í do bheith níos greamaighe: níos fáiscighthe doscaoilte.

greamadghail: (**greamatghail**) *b.3.* do bhaint foth-ghreama nó mion-ghreama as, d'itheadh go mall; beagán bídh. Gheibheann sé greamadghail 'n-a measc, oiread a's ná cuirfidh aon mhasmus air: gan aon bhéile scabhárdach. Ar an ngreamadghail a bhaineann sé as an mbiadh ní gábhadh bheith ag maoidheamh air, is beag é a fhoghail air: an beagán de a itheann sé. Éirigh, thabharfá an lá ag greamadghail: ag itheadh leat gan aon fhonn stadta. Cuarduigh d'fhéachaint ar fhan greamadghail feóla tréis na proinne do gheóbhadh an rud ocrach so: aon fhuighleach. Níor chóir go mbeadh aon ocras air, bí greamadghail mhaith caithte aige i rith an lae, d'ith sé trí nó ceathair d'uairibh: ádhbhar maith. Tháinig duine bradach éigin a bhí ag greamadghail ar an mbullóig seo: a bhain smut ar smut aiste. Ar an dtalamh garbh san do chosaint beidh greamadghail ann do stoc sa gheimhreadh: ádhbhar maith féir.

greamamhas: *f.1.* cuibhreacht, ceangal, dlúthas, daingne. Rug greamamhas ar an luing nuair chuaidh sí ceangailte ar bhannc gainimhe, caitheadh seal d'iarraidh í do tharrac de: greim daingean. Cad é an greamamhas atá ar an dtairnge nách féidir é do chur i ndiaidh a chúil: ceangal docht. Duine cruinn baileach go bhfuil greamamhas na cruinne aige ar scilling: ná scarfadh léi ar aon rud. An rún a fuair sé do bhí an oiread san greamamhais aige air a's gur bh'fhearr leis scaramhaint lé n-a anam 'ná scaramhaint leis: coimeád daingean, dlúth. Sin móin ná fuil aon ghreamamhas innte .i. briosc. Cloch mhaith thógtha í go bhfuil gramamhas innte: a bheireas i nglas docht ar an saoirseacht.

greamamhasach: *a.* rúnchoimeádtach, leasc scaradh lé haonnidh, dlúthcheangalach. Dá ghlioca do chuirfeá chuige ní bhfaghfá faic as a bholg súd, tá sé ró-ghreamamhasach: cosantach, coimeádach ar a rún. Daoine greamamhasacha a's a rian ortha nár scar lé n-a gcuid go boigéiseach, tá airgead sa bhannc indiugh aca: baileach, cruinn, críochnamhail. Bheifeá chómh maith as díreach gan bheith leath chómh greamamhasach, fágfair id dhiaidh é lé caitheamh ag daoinibh eile: chómh cruinn-choimeádtach.

greamamhasaighe: *b.4.* rúnchoimeádaidheacht, cluthaireacht. Conntabharthach an rud aonnid d'innsint do, mar ná fuil aon ghreamamhasaighe ag baint leis, bheadh a fhios ag an saoghal mór é: cluthaireacht rúin.

greamastamhail: *a.* greamuightheach, canntalach, righin-choimeádach. Tóg do lámh de san, ná bíodh aon bhaint agat leis; is tú atá go greamastamhail agam: canntalach, sainnteach. Tá an stampa go greamastamhail ar an leitir, caithfear é d'fhágaint mar sin: righin-ghreamuighthe. Bí greamastamhail ar do thigh féin faid a's fhéadfair é, bheadh aithreachas a fhágtha ort: cos dhaingean istigh agat.

greamughadh: *f.* do cheangal, breith air, claoidhe lé, d'fháscadh. Ag greamughadh ionam atá an fear so, ní fhéadfainn a chúram do chur díom: ag ceangal: ghom leanamhaint a's nách mian liom. Ag greamughadh ionat bheidh an slaghdán san mara luighir leis a's é do chrothadh asat amach: ag dul níos déine ort. Ná bí ag greamughadh dhíom nó tairngeóchair leat me: ghod cheangal féin ionam léd ghéagaibh. Bí ag greamughadh an dorais: ghá dhaingniughadh. An bhfuil aon ghreamughadh ar an ndoras ach an laiste seo?: aon daingniughadh: aon rud a chosnóchadh ar oscailt é. Tá greamughadh maith agat anois: lán do bhaclann (de mhnaoi). Tá sé fé ghreamughadh anois gen lucht ceannais: 'n-a bhráighe: i mbraighdeanas: gabhtha. Na sliogáin chruite sin níl aon ghreamughadh ionat: ní bheirid greim ar an dtalamh .i. stroillid. Ag greamughadh na dtighthe i gcóir na droichshíne: ghá chur i dtreó ná fuadófí iad. Is iongtach an greamughadh thoir ag an ngaoith é, gan cor as lé mí: luighe daingean, cómhnaidhtheach.

greamuighim: *b.a. 7 n-a.* beirim greim ar, ceangluighim, cuibhrighim, bainim greim as, fáiscim, daingnighim, gnóthuighim; claoidhim lé, leanaim de, leanaim as. Greamuigh me nó tuitfead!: cuir lámh nó cuibhreach éigin ionam go pras. Greamuigh an chao nuair gheobhair í: friotháil gan moill í. Greamóchaidh sé an t-ionad san fós lé n-a chuid gliocais, bíodh sé oireamhnach do nó ná bíodh: sroichfidh é: gnóthóchaidh é. Ghreamuigh sé dhíom i rith an lae, is cuma cá éachtaint a thugas do nár theastuigh a chuideachta uaim, a's dá mhéid cor chun éaluighthe do thugas do: lean sé go dlúth me. Má ghreamuigheann an dubhán it mhéir cuimhneóchair ar an bpian do chuirfidh sé ort: má théigheann ceangailte. Greamuigh air!: daingnigh: cuir cor téadáin air ná scaoilfidh uaidh féin. Greamuigh ar an gcapall sa stábla: daingnigh an doras. Ghreamuigh sé fúm isteach (iomrascáil): fuair sé greim íseal orm. Greamuighimís chun bóthair, is mithid é: bímís ag gluaiseacht. Greamuigheadh a gcuid talmhan ortha a's caitheadh amach iad: canntáladh. Greamuigheadh síos é ar bhannaidhibh an tsíothcháin do choimeád ar feadh bliadhna: cuireadh cuing dlighe air.

greamuighthe: *a.r.* fáiscighthe, cuibhrighthe, ceangailte, fuaighte; beartha air; canntálta. Níl do bhaoite greamuighthe 'n-a cheart ar do dhubhán, imtheóchaidh sé dhe: ceangailte: fáiscighthe. Bír greamuighthe agam i gcómhnaidhe .i. ag coimeád na coise agam nó d'iarraidh áitimh nó imreasa do chur orm. Chómh greamuighthe leis an mbáirneach den gcarraig: dlúthcheangailte. Tá sé greamuighthe isteach anois ionat a's ní chuirfeadh dochtúiridhe na Mumhan amach as do chreatlach é: dul go doimhin, daingean. Tá mo bhróg greamuighthe i ngág annso agus fanfad ann mara bhfóirtear orm: fáiscighthe i dtreó nách féidir liom a fuascailt. An bhfuil aonne greamuighthe fós leis an gcoir: tógtha 'n-a bhráighe. Is maith greamuighthe atá a cheann air .i. duine ciallmhar seadh é. Cuid mhór den bhFrainnc greamuighthe ag an nGearmáin: 'n-a seilbh. An tigh ní fhéadfainn d'fhágaint indiugh, táim ró-ghreamuighthe: gabhtha: cúram lé déanamh agam. Tá a shúile greamuighthe: tá sé 'n-a chodladh. An císte greamuighthe den ngreidill: ceangailte.

greamuightheach: *a.* fáiscightheach, ceangailteach, dlúthleanamhnach, dianchoimeádach. An slaghdán so árd-ghreamuightheach ar fad tímcheall mo chléibhe: fáiscighthe .i. bíonn ag luighe go duaibhseamhail orm. Tairnge fada, garbh, greamuightheach gur deacair a bhogadh: fáiscighthe go daingean. Gach aon rud do gan faic do thabhairt, sin mar bhíonn ag an nduine greamuightheach: canntalach: gur b'é a mhian an bhreis do bheith aige a's gan scaramhaint lé dada. Bhéarfadh púnt é sin chómh fada a's bhéarfadh fiche púnt duine eile, tá sé chómh greamuightheach san: coimeádtach san. Cos ghreamuightheach atá sa tuairgín: cos ná baintear amach.

grean: *f.1.* meascán, mion-phuróg a's ghainimhe mar bhíonn ar chladach na mara nó abhann; tón abhann, locha nó na farraige, gainimh an-gharbh. Chuaidh an long go grean: go tóin puill. Tráigh (cladach) ghrin. Airgead dhá chaitheamh aige chómh tiugh lé grean: go flúirseach, rabairneach. Déanfaidh sé grean ar an strán atá air, mara staontar é: "seódh bóthair": brisfidh a bhfuil fé n-a léith. Ghaibh an roth ar mo chois a's deineadh grean de: brúscar: mionramh.

greanadh: *f.* (*-nta*) samhail rud do chúmadh as adhmad, miotal nó cloich lé n-a gearradh le húirlis éigin; do mhaisiughadh. Ag greanadh cinn duine as chloich: ghá chumadh. Táimíd ag greanadh an tighe i gcóir dulta chun cómhnaidhthe ann: ag maisiughadh: ag cur slachta air.

greanmhar: *a.* ait, deóranta. Is greanmhar an obair duit bheith ag saothar in aisce: ait. Fear greanmhar dob eadh é, uaireannta do labharfadh sé leat agus uaireannta ná déanfadh: deóranta: deacair do thuigsint. Duine greanmhar ná tóg ceann d'aonnidh a déarfadh sé, deirtear go bhfuil sé ádhbhar corruighthe sa cheann: iomrallach: gan bheith mar an gcoitchiantacht. Nuair chuir sé an filleadh beag ar dtúis air, budh ghreanmhar leis na daoinibh mar chulaithirt í, óir ná raibh taithighe aca air: aisteach: deóranta. Ná bí greanmhar anois, leig gach aonne thart a's leigfid duit: corr: as an slighe: bun os cionn. Scéal greanmhar atá agat, is beag a chreidfidh é: ait: amhrasach. Tinneas greanmhar éigin im cheann .i. a lithéid nár bhraitheas riamh cheana. Tá iomchar an-ghreanmhar fén mbuachaill sin: is deacair dul amach nó léigheamh air. Margadh an-ghreanmhar ar fad atá déanta aca: gur deacair a fhios bheith ag duine é bheith ionraic nó mhalairt. Má bhír chómh greanmhar liom choidhche airís brisfidh ar mo charadas leat: t'iomchar do bheith

bun os cionn: ag déanamh i slighe nár chuibhe. Feictear "greannmhar", níl fuaim an deódhair san bhfocal leis an gcéill seo.

greanmhaireacht: *b.3.* aiteas, iongtas, mian feasa d'fhagháil. Cuireann an scéal gur chaith na Gearmánaigh (má siad a dhein) ar bhaile i Loch Gearman greanmhaireacht orm, mar fiafruighim díom féin cad é a mbun ná a mbuaidh leis?: iongtas orm gur mhian liom a bheith deimhnightheach den bhfírinne. Mara mbeadh greanmhaireacht do bheith ag baint leis dar ndóigh ní fhágfadh sé a bhean 'sa mhuirear gan chúis: aiteas: iomrall céille. Cad do chuireann an ghreanmhaireacht ar lár mo chroidhe ach go mbíonn daoine ann agus an rath ag rith ortha a's daoine eile a's an donas sa mhuinice do shíor ortha a chuireas ag machtnamh me gur b'ait an rud san. An ghreanmhaireacht atá ort-sa ná híosfadh an biadh sóghail sin a's ocras ort: iompódh corr éigin it cheann. B'fhéidir gur dhóigh lé duine go bhfuil, ach níl aon ghreanmhaireacht ag baint leis siúd, féach cathain gheóbhfar aon rud ar sileadh leis: neamhfhuaimeant.

greann: *f.1.* seódh, soilbhreacht, sult, meidhréis, subhachas, suairceas, gnaoi, meas, cion, báidh. Ní hindiugh ná indé budh mhór é mo ghreann duit, riamh budh mhaith liom thu: go raibh cion agam ort. Lé greann do bhuail sé é, b'ait an greann ann é: seódh: spórt. Níl aon ghreann indiugh ann, tá cuma ghruamdha air, pé rud atá ag cur air: seódh, sult: fonn gáiridhe air ná do chur ar aonne: gnaoi. Is cuma liom cad deir aonne, ach ní fhéadfá gan tuiteam i ngreann leis bíonn an oiread san eachtraidhthe aige a chuirfeadh ag gáiridhe duine: gean do thabhairt do. Cad chuir an mí-ghreann go bhfuil an chuma dhoilbh, dhubhach ort: an míoghnaoi: an ceal fonn bheith cainnteach, sochma. An ag déanamh grinn asam-sa do bheadh sé ag feadghail 'sag gáiridhe fúm d'fhéachaint an dtiocfadh olc orm: ag baint suilt asam. Bíodh greann éigin againn, táimíd an-mharbh, an-neamhchainnteach: deinimís rud éigin a thógfas an mheanma a's dhéanfaidh cúis gháiridhe dhúinn. Innis ceann ded scéaltaibh grinn dúinn: scéal go dtabharfam ár n-aire ar fad do lé suim ann, a's a bhíodhgfaidh sinn. Goirtigheadh go maith é cé gur as ghreann do tháinig sé ar fad, ag gleáchas do bhíodar lé chéile nuair shleamhnuigh duine aca a's gur bhuail a chúl ar fhaobhar an dorais: seódh, sult. An chun grinn atá an corr-mhadra san dhá chothughadh agat?: gan aon chúram eile ach chun sástacht t'aigne. Níor ghreann liom in ao'chor do ghnóthaidhe táid róghreanmhar: ní thaithneóchaidís liom.

greannamhail: *a.* subháilceach, sultmhar, aoibhinn. Chaitheas saoire ghreannamhail 'n-a measc, daoine saonta, glana, neamhurchóidheacha: aoibhinn. Nuair bhíonn braoinín caithte aige bíonn sé an-ghreannamhail, chuirfeadh sé síos duit ar gach aon rud is aite ná chéile dá ndeárna sé riamh: subháilceach do bheith ag éisteacht leis.

greannamhlacht: *b.3.* subháilceacht; sultmhaireacht; meidhreacht; spéireamhlacht. Chuirfeadh sé greannamhlacht ar chroidhe dá dhuairce éirghe amach ar an dtráigh maidean shamhraidh: subháilceacht: aoibhneas. Ní fhéadfadh gan greannamhlacht éigin do bheith ort ar na gáiridhe geala go léir: sultmhaireacht croidhe. Beir do chuid greannamhlachta in áit éigin eile uaim níl aon ghleáchas orm-sa bheith ag éisteacht leat anois: meidhreacht: pé subháilceas croidhe atá ort do bheith ghá chur in iúil. Grádhann sé greannamhlacht na cathrach, ar an ndomhan ní scarfadh leis: an spéireamhlacht: an caitheamh aimsire meidhreach a bhaineann aiste.

greannmhaireacht: *b.3.* áthasacht, aoibhneacht, meidhreacht. Cuireann do chómhrádh grinn greannmhaireacht ar mo chroidhe: áthasacht. Bhainfeá greannmhaireacht an domhain as a chuideachtain nuair thosnuigheann sé ar sheódh: meidhreacht. Ní raibh aonne a chualaidh é ná go raibh i dtrithidhibh lé greannmhaireacht an scéil: sultmhaireacht.

greannmhar: (**greanmhar**) *a.* lán de ghreann, aoibhinn, sultmhar, subháilceach. Buachaill greannmhar gur cuma cad déarfadh sé ná tiocfadh aon olc ort chuige: a bhaineas sult a's gáiridhe amach. Beidh oidhche ghreannmhar againn air ag éisteacht leis ag trácht ar an gcuma do thaisteal sé an dúthaigh go mórtaiseach gan leathphingne costais: oidhche seóidh, go n-éisteócham lé suim go sásta leis. Ní greannmhar an rud d'aonne bheith ag síor-íoc a's gan faic ag teacht isteach: ní subháilceach: ní rud é a bhainfeadh gáire asat. Bí chómh greannmhar a's d'fhéadfair leis, féachaint an mbogfadh a chroidhe linn: chómh sultmhar, meidhréiseach chun gnaoi do chur air.

greanta: *a. n-dh.* néata, niamhrach, so-amhairc, slíogtha; cúmtha, gearrtha. Bíodh gach nidh go greanta ort lá do phósta: go néata, so-amhairc. Budh ghreanta an bád do dhein sé, bhí líomhthacht i ngach ball di: deaghchúmtha: taithneamhach leis an súil. Tá sé agat go greanta: gleóite. Bean ghreanta fháiscighthe gur fearrde é aon rud go síneann sí a lámh chuige: néata. Gluaisteán greanta a chuaidh pingin mhaith: deaghdhéanta, gléasta. Budh ghreanta an imirt do dheinis a's a raibh tímcheall ort d'iarraidh thu do chur fé chois: néata, taithneamhach. Cá bhfuil an "t-íomhágh greanta"?: duine a bhíos go haireach air féin i dtaobh a shláinte. Budh dhóigh leat ar an gcrot atá air gur íomhágh greanta é: samhail a bheadh cúmtha as adhmad: duine leóchaileach. Aimsir ghreanta chun aonnidh do dhéanamh seadh í: oireamhnach, áluinn. Déanfad tigh greanta dhe sara scarad mo lámha leis: slachtmhar, gleóite. Seimeann sé go greanta: binn, sásamhach.

greantacht: *b.3.* niamhracht, néatacht, líomhthacht, cóireacht: slíogacht. Chuaidh greantacht na háite im chroidhe, an uile rud socair go cúláisteach, gleóite ann: slachtmhaireacht. Tá greantacht ag baint lé n-a cuid cainnte go bhfuil meallaireacht ann: líomhthacht a's iontsuime. A ghreantacht a bhí gach earra socair sa tsiopa b'iontuighthe go raibh fios a ghnótha gen saoiste: an uile rud in ionad go raibh ag taidhbhseamh go maith a's scéimh so-amhairc ar an áit. A ghreantacht a's do sheól an bád trí dhrochfharraige gan beann aice uirthe: a líomhthacht: chuirfeadh a clódh 'sa himtheacht aoibhneas ort. Fuair sé mór-mholadh as ghreantacht an pheictiúra: an críochnughadh 'san tslacht a bhí air. Shuidheas cois na teineadh lé n-a greantacht: an chuma thaitneamhach, sheascair a bhí uirthe.

greas: *f.3.* seal, uain, babhta, turus, speal aimsire, iarracht, tamall. Dheineas greas beag codlata, dhá uair an chluig nó mar sin: babhta, seal. Bíodh greas den bpíp agat: bí ghá hól ar feadh scataimh. An bhfuil aon ghreas rinnce agat?: an bhféadfá babhta beag nó mór do dhéanamh? Dheineamair greas maith rámhaidheachta i gcoinnibh na taoise a's na gaoithe nár fhág aon fhuacht ar na mailidhibh againn: seal te, pras. Is iomdha greas dem shaothar aca agus is beag é a mbuidheachas: seal ag obair dóibh. Budh the an greas é sin idir an dá chapall tosaigh: rás mear. Chaill sé ar an gcéad ghreas: an chéad iarracht (cuid). Trí

greasa déag sa bhabhta dórnála: trí hiarrachtaidhe déag, go meáidhtear gach ceann aca ann féin: an gníomh a deintear d'aon iarracht. Trí greasa sa bhéile: trí hiarrachtaidhe bídh. Bain greas reatha as an gcapall, tá sé stanncuighthe ó bheith istigh: tamall mear. Fuair sé a ghreas ar an saoghal: oiread de a's nách ceart do ghearán: a chion. Is maith a theastóchadh greas uaidh .i. é do chur ar a thástáil go maith.

gréasaidhe: *f.4.* fear bróg do dhéanamh a's do dheisiughadh; iasc de shaghas na pallóige go mbíonn stríoca bán siar trí n-a cliathán. Táilliúir gan méaracán nó gréasaidhe gan meanaithe: bíd ar fóraoil.

gréasaidheacht: *b.3.* ceárd an ghréasaidhe; útamáil gan deallramh. Cad é an ghréasaidheacht atá agat leis ach é do dhéanamh nó do chaitheamh uait: lútaráil: glimeadáil. Ní bheinn ag féachaint ort ag gréasaidheacht leis: méirínteacht.

greasáil: *b.3.* bualadh; búrdáil; leangadh; smísteáil. Fuair sé greasáil an anama ó chúigear nó seisear aca maidir lé dóirneáil shlachtmhar: bualadh a chuaidh i luighe gaibhte air. D'iarraidh teacht i dtalamh i gcoinnibh gaoithe a bhí rótheann dá mbáidín fuaireadar greasáil go gcuimhneóchaid uirthe: suathadh, tuargaint, agus duadh. Is minic sin do fuaireas greasáil ar scoil toisc mí-iomchair: léasadh. Beidh greasáil chruaidh ar chródh na himeartha indiugh ag an dá bhuidhin, mar is fada ghá fhéachaint lé chéile iad: bualadh dian.

greasáláim: *b.a.* buailim, smísteálaim, saighdim. Greasáil é más mian leat bheith in am, ar an aiste seo bheifeá déidheannach: gríosuigh lé lasc é. Greasáil duine go mbeidh cúis agat air ach leig dom-sa ná fuil: buail. Greasálfad thu chun mo thola má chuirir chun feirge me agus beidh cuimhne agat ar an lá: smísteálfad.

greathalach: *b.2.* duine nó ainmhidhe aindeis. Ní ag cuimhneamh ar dhul ag rás do bheadh an ghreathalach san, ná fuil corruighe na coise ann lé feóil: cithinseach. Greathalach mhná ná féadfadh an bidh do chóiriughadh dhi féin: bean mhór, fheolmhar, aindeis. Tair id ghreathalaigh ge digh: níl ionat fanamhaint ar do chosaibh. Greathalach capaill ná cothóchadh baile a's ná déanfadh obair in áit achrannaigh: aindeiseóir. Éirigh as an leabaidh sin a's ná bí annsan id ghreathalaigh codlata: id liaghairne aindeis. Greathalacha caorach: caoire feólmhara, troma.

greathalóg: *b.2.* baineannach neamhghasta, aindeis. Tá sí in aon ghreathalóig amháin: mór, aindeis, neamhchúramach uirthe féin a's ar a gnóth.

greathanaisidhe: *f.* giúirléididhe, maingisínidhe. Bailbh chughat do ghreathanaisidhe a's bí ag cur díot, níl aon ghnóth annso dhíot: gach aon rud a bhaineas léd chéird.

greim: *f.3.* oiread a's baintear leis na fiacalaibh d'aon iarracht, aon chor amháin leis an snáthaid a's lé snáithín i bhfuagháil; blúire; goblach; lán béil; ríog tinnis; úghdarás, cuing; ceangal, cuibhreach, breith. Tá greim dúide agam ort ná féadfair d'fhágaint .i. ar mhuineál: daingean, dochroithte. Greim im chliathán ó bheith ag gáiridhe: tinneas géar a thagas 'n-a ríogaibh. Bain greim as an ubhall: mannta lé t'fhiacalaibh. Oiread a's greim

bídh ní bhfuaireas: an méid do chuirfinn im bhéal d'aon iarracht. Beir greim ar mo láimh: cuir do láim i gceangal mo láimhe. Níl greim cos ná láimhe ar an gcarraig shleamhain úd cá raibh a chao ar é féin do shaoradh: breith dhlúth, dhaingean. Chailleadar a ngreim ar an áit a's b'éigean dóibh díol amach: a gcoimeád. Nách dian an saoghal orm é go bhfuil sé de ghreim aige orm gur b'éigean dom a thoil do dhéanamh: de chómhacht nách féidir liom scaradh uaithe. Deineadh bráighe dhe a's cuireadh fé ghreim é: fé ghlas: i gcarcar: i ngabhann. Sin é an bóthar amach agat, nílir fé ghreim ag aonne annso: níl a chómhacht ag neach ort tú do chongbháil annso. Nár bheiridh Dia aon ghreim cruaidh choidhche ort nó má bheireann go scaoileadh: teannta. Tá súd róghlic, ní bhfuair aonne riamh fós greim air: ní raibh sé i gcómhacht aonne. Is sid é an tigh flúirseach go bhfaghair greim a's bolgam ann: biadh. Táim gan greim ó mhaidean: aon rud d'itheadh. Níl greim ar scilling aige: coimeádtach uirthe. Duine gan aon ghreim aige air féin, a scaoilfeadh amach aon nidh: béalscaoilteach. "Dhá ghreim in am naoi ngreamanna ar ball" .i. má cuirtear i ndiaidh ruda i dtúis a tréigin saorann sé breis duaidh 'n-a dhiaidh san. "Cuir léd ghreamannaibh" ars an fear lé n-a mhac a bhí i ngrádh trom lé cailín ná leigfeadh sé dho a pósadh: fulaing do phianta. Táthaoi ar bhur ngreamannaibh, a fheara: ag itheadh. Ní hamháin go ngeóbhainn lán do shaic ort ach dhéanfainn greamanna seabhaic díot: stracfainn as a chéile thu. Dá ndeineann greamanna beaga dhe ní thógfadh sé biadh ná deoch uaim: coda beaga: dá mhéid é mo thafant air. Dá mbeadh an greim ceart ar an ndoras ní shéidfeadh an ghaoth é: an fáscadh ceart, daingean. Tháinig greim reatha ionam a's me d'iarraidh teacht suas leat: pian crapuightheach sa chliathán. Bhíodar an-bhocht ar dtúis, ach táid ag fagháil a ngreama ann anois: ag bunughadh. Ní fhéadfaidh bheith lé n-itheadh ach greim reatha mar ná fuil an eaga againn: beagán bídh lé deabhadh. Rug sé greim an fhir bháidhte orm nuair scannruigheadh é: greim daingean, docht. Mara mbeadh greim éigin do bheith air ní fadó do bheadh sé annso, mar nách duine fuar nó faillightheach é: rud éigin bheith ghá chongbháil: broid nó géibheann éigin. Daoine neamhchraoscalacha ná beireann aon rud greim ar an gcroidhe aca: ná cuireann buadhairt ortha. Chuir na dochtúiridhe trí greamanna 'n-a cheann mar ar gearradh é: d'fhuaigh sé an croiceann. An greim is cruaidhe dá rug riamh d'iarraidh fanacht ó ghái ridhe: an duadh: an teannta. Cuan cáinte é sin níl aon ghreim ancaire ann: áit go gceanglóchadh an t-ancaire. Ní mar sin do thuigeas-sa an scéal in ao'chor, mo thuairm ná fuaireas an greim ceart ar a chuid cainnte: ná rugas liom ar an slighe cheart é. Nách mór an greim atá agat air ná tabharfá ar iasacht é: nách deacair leat scaramhaint leis. Bíodh breis ghreama ar do theangain agat ní díth dhuit sin: ná bí chómh luath-bhéalach: bíodh srian leat. Bhog (thug) mo ghreim: scaoil mo choimeád (ar). Is fearr greim de choinín ná dhá ghreim de chat: béalóg.

greimín: *f.4.* blúirin. Greimín aráin a's braoinín bainne mo chuid.

greimisc: *b.2.* trufais, seanbhreannglóididhe; gréithre gan éifeacht. A raibh de ghreimisc tímcheall an tighe chaitheas chun an bhacaigh iad: fuighleach gan mhaith.

gréisc: *b.2.* saill nuair bhíonn 'n-a "cipín" leis an dteas. Bheadh sé chómh maith agat an fheóil do chaitheamh amach anois, ní a hitheadh d'fhéadfá, tá sí 'n-a gréisc gen dteine: cruaidh briosc san sughlach imthighthe aiste.

gréiscín: *f.4.* sciolpa nó slisneóg éadtrom thanaidhe saille nó bagúin le friochtadh nó lé gríosgughadh. Gréiscínidhe agus uibhe ar maidin!

gréith(re): *c-a.* earraidhe, gnáistidhe, oireamhaintidhe, áruistidhe. Lé n-a mheisce do bhris sé gréithre an tighe: áruistidhe: órnáididhe. Bailbh chughat do ghréithre: gach rud a bhaineas leat. Ná fágtar aon ghréithre nbhur ndiaidh a theastóchadh uaibh: oireamhaintidhe, úirlisidhe. A's na Gearmánaigh ag brúghadh ar Phearas theich mórán uaisle aiste leis an oiread san ruathair gur fhágadar a ngréithre 'n-a ndiaidh: rudaidhe luachmhar. Ní fheacaidh súil peacaigh ach a bhfuil de ghréithribh Nodlag dhá dhíol sa tsiopa san: bréagáin. B'fhiú na céadta ar bhronn sé de ghréithribh uirthe a's é i ngrádh léi: órnáididhe: seóda.

grian: *b.2.* an reann solasmhar te a thugas solas i rith an lae a's 'n-a tímcheall go gcasann an domhan agus na pláinéadaidhe; taithneamh an reanna chéadna; rogha. Beidh daoine na gréine gile ar an gcruinnughadh san: na slóighte. Fuair na barraidhe an ghrian a's tá a rian ortha, tá biadh ionta: teas. Leanbh gréine: leanbh toghartha. Bím ar mo dhícheall ó éirghe go luighe gréine .i. ó dhubh dubh. Lé buidhiughadh gréine fuaireas an t-amharc déidheannach ar mo thír dhúthchais: a's an ghrian ag lagughadh 'n-a dath, um thráthnóna. Ghom mholadh go cantaibh na gréine: ós árd go léir. I gcantain a cloisfí gen ngréin! Luigh an ghrian air: bhuail sí é: ghoill sí air. Nár éirighidh grian air!: bás chuige. Nár éirighidh grian orm-sa má bhruicim a thuilleadh lé fiacail dhiachraigh mar thu: marbh go rabhad. Pé áit go n-éireóchaidh grian orm baileóchad liom as so: pé áit ar fuaid an domhain go gcasfar liom. Thug sé grian a's éasca ná teipfeadh sé orainn: thóg sé mar fhínéithibh iad. Cosa ón ngréin: gathaidhe. Taithneamh na gréine go raibh ort: go lonnraidh sí ort. "Má tá an saoghal in earrad linn, tá an ghrian ag taithneamh orainn" .i. ní féidir lonnradh na gréine do chosc orainn. "Cioth agus grian an aimsir is fearr riamh": seal báistighe a's seal teasa. Tagann an ghrian i ndiaidh na fearthainne: teas na gréine. D'éirigh an ghrian go moch indiugh .i. bhí a solas lé feicsint toisc ceal scamall. "Óir is grian agus sciath an Tighearna Dia" (Sailm LXXXIV. 12): cosamhail leis an ngréin in áilneacht san oirdhearcas. Talamh maith curadóireachta é sin atá ar dheis na ghréine: a aghaidh léi. Fuineadh gréine: a dul fé. Díreach agus an ghrian ag dul i bhfarraige: ag dul fé. Is díomhaoin an raispín é, é bolg lé gréin an lá is mó foghmhair: é ghá ghrianadh féin. Is é an rógaire is mó idir mhuir a's ghrian é: a lithéid eile ní féidir d'fhagháil in aon bhall. "Dearg aniar soineann a's grian, dearg anoir fearthainn a's stoirm": aimsir ghrianmhar. Tá an ghrian éirighthe, ach tá an ghealach (an ré) 'n-a suidhe. Prátaidhe etc. gréine: díth déanta gen ngréin dóibh ó bheith fúithe os chionn na cré.

grian-: *i gc.fh.* Béas tairngthe ge daoinibh chúcha féin le bliadhantaibh beaga bheith ghá ngrian-ghoradh féin: 'n-a luighe fén ngréin do ghabháil a teasa. Tá grian-loscadh ar mo mhuineál, níor fhan luid croicinn orm: dóighte aice mar bheadh ag teine. Gan amhras tá do thigh ar ghrian-chnoc: má éirigheann sí in ao'chor is leat í. Do ghrian-mhac: an mac is ionmhaine leat.

grianach: *a.* ar dheis na gréine; grianmhar, subháilceach. Áit is grianaighe 'ná é is deacair d'fhagháil a aghaidh ó dheas a's cnoc árd ar a chúl; is mó go mbuaileann grian é. Is aoibhinn liom bheith farais; duine an-ghrianach seadh é ná cloisfeá ag sceinneadh

uaidh ach sult a's meidhréis: an-shubháilceach. Lá grianach againn amuigh ar thaobh an tsléibhe: go raibh an ghrian ag taithneamh go haoibhinn. Teine ghrianach is maith suidhe 'n-a haice oidhche fhuar: dearg, lasta, seascair. Cuir síos grianach theine leat féin: teine mhaith, theólaidhe.

grianadh: *f.* (*-nta*) do chur nó d'fhágaint fé gháthaidhibh na gréine; do ghoradh; luighe fén ngréin. Dá mbeadh iasc ghá ghrianadh féin, tá sé chómh leisceamhail sin ná raghadh sé ag breith air: gan aon chor do bheith aige dhá chur as féin. Is fearr thu chun tú féin do ghrianadh léi (teine) ná í do bhaint: do ghoradh. Fuair sé an oiread san grianta go dtáinig dath na coirte air: luighe gréine. Tá grianadh a dhóthain fachta gen éadach: a dhóthain eaga fé ghathaidhibh na gréine. Deirtear ná bíonn an grianadh ceart againn in Éirinn chun cruithneachta d'aibiughadh: teas fada, cómhnaidhtheach. Tugann sé grianadh an chait do féin: luigheann go sámh, subháileach fé theas.

grianaim: *b.a.* luighim fé ghathaidhibh na gréine; goraim; teidheamhuighim leis an ngréin. Grianaigh thú féin go maith, ná cuimhnigh ar aon obair, nár chás duit: luigh go subháilceach fén ngréin. Grianuigh thú féin leis an dteine sin go n-imthighidh an fuacht díot: gor thu féin.

grianán: *f.1.* teach tógtha in áit chaothamhail ar dheis gréine a's aoibhneasa; rogha. Sid é mo ghrianán-sa: mo theaghlach-sa: mo dheaghbhaile. "Grianán ban Éireann": plúr ban Éireann.

grian-bhuidhe: *a.* Bhí an tráthnóinín grian-bhuidhe ann nuair sheólamair: ag tarrac ar fuinneadh gréine. Táir grian-bhuidhe: dath buidhe ort ón ngréin.

grianmhar: *a.* lonnrach, girréiseach. Áit ghrianmhar aon am a bhíonn sé ag taithneamh: lonnrach: go luigheann cuid mhór den ngréin air. Duine grianmhar ná cuireann aon rud fén spéir mairg air: fíorshubháilceach.

grianughadh: *f.* (*-uighthe*) do chur lé gréin; teas na gréine do ghabháil. Cuireadh amach an t-iasc ar dhíon an tighe chun a ghrianuighthe: go dtriomuigheadh sé ón bpicil. Saillteacha rón ghá ghrianughadh féin ar na carraigeachaibh: sínte go sámh leis an ngréin.

grinn: *a.* gleóite, taithneamhach. Níl aon bhaoghal ná gur grinn an imirt í sin ó thúis deireadh gan locht gan botún: taithneamhach. Ghearraidh an tuagh go grinn an cábla d'aon iarracht: go glan. Budh ghrinn leis mar bhíos ag tógaint ceann de a's chuir sé in iúil orm é: géar: cruinn.

grinneall: (**grineall**) *f.1.* an talamh curaidh fé bhun na cré a's an ghaoidhin; bun na mara, abhann nó locha. A thruagh dhealbh é a bhfuil de bhiadh ag dul go grinneall a's a easbhaidh ar na míltibh ar fuaid an domhain: go tóin puill. Chuaidh an dubhan go grinneall ionam, b'éigean dochtúir d'fhagháil chun a thairrice: go cnámh. Ghoirtighis go grinneall me léd chainnt bhascuighthigh: go corplár mo chroidhe. Ní scéidhfeadh fallaidhe an tighe dá mbeidís tógtha ar an ngrinneall: ar "chnámh" na talmhan.

griobaltach: *f.1.* sprionnlóir; ceamalach; cábóg. Griobaltach gan mhúineadh, imthigheann a chuid tarcuisne dhíom mar an t-uisce de lachain: tuathalán. An griobaltach nár shín a lámh riamh i ndéirc ná i gcarthanacht: duine gan féile. Ní fheadraís cad budh cheart duit do rádh ná a dhéanamh leis an ngriobaltach: ní ródheacair a shrón do chasadh aige: droichmhianach, tútach.

griofadach: *a.* mothálach mar bheadh tréis buille d'fhagháil nó pian a bheadh siubhalach. Fuair sé buille griofadach: a bhraith sé go maith a's go raibh an áit loisceach. Cos ghriofadach gan puinn anama innte: go bhfuil an fhuil 'san fheóil mar b'fhonn leat bheith ghod scríobadh féin.

griofadach: *b.2.* mothúilt mar bheadh manaleathar i mball beatha; mothúilt loisceach, phreabthach. Tháinig griofadach im ghualainn airéir a's bhíos an-mhíoshásta, mhíoshuaimhneach aice: léimreach a chuirfeadh ort an ball do thochas. Cómhartha go bhfuil feabhas ag dul uirthe griofadach do bheith innte: an mhothúilt sin a chuirfeadh fonn scríobtha ort. Sara mbeidh an tigh mór san críochnuighthe aige cuirfidh sé griofadach air: mothóchaidh sé go mór an costas. Chuir an lá indé griofadach orm, dhíolas mo chuid róshaor: bhraitheas an dochar go mór: do ghoill sé orm. Is eól dom go gcuirfeá griofadach orm dá bhféadfá san: go ndéanfá rud liom a ghoillfeadh orm.

griogadh: *f.* (*-gtha*) spriogadh, ag cur fé, ciapadh, clipeadh, buaidhreamh. Tá an diabhal féin ag griogadh fút a's bheith ag baint lé rud ná baineann leat: god shaighdeadh ar t'aimhleas. Ná bí ag griogadh orm a deirim leat, tá do dhóthain ráidhte, déanta cheana agat, nó ní fhoidhneóchad leat: ag spochaireacht orm: d'iarraidh mo chochaill do mhúscailt. Is deacair léigheamh air mar iomard, bíonn an ball céadna ag griogadh orm do shíor a's de ghnáth: ag goilleamhaint orm: ghom bhuaidhreamh: gan puinn suaimhnis agam uaidh. Ní stadann a bhean de ghriogadh air, is cuma cad nó connus do dheineann sé aonnidh: ag fagháil locht air. É ghá mhaoidheamh cad é an méid a bhí déanta aige, ag griogadh orm leis: d'iarraidh formada do chur orm. Mar a chéile dhóibh bheith ag griogadh air anois chun bruighne nó bheith ag cuimilt a méire de chloich, tá sé rófhuaimeantamhail: ag spochaireacht: ghá ghríosadh a's ghá ghiobadh.

griogaim: *b.a.* gríosaim, spriogaim, ciapaim, clipim, buaidhrim, goillim ar. Griogann an sáile an gearradh nuadh-dhéanta san: cuireann ríoga tinnis tríd. Ghriog sé me an rud do ghoid: spriog: chuir suas mé chun. Níl aon rud ar an saoghal is mó do ghriogann é 'ná a rádh leis gur éim sí é: é do bhuaidhreamh 'n-a aigne. Ghriog leanbh aca an duine eile sa phluc a's chuir ag liúighrigh é: bhain miotóg as. Focailín an-bheag a ghriogfadh é, ní mór an rothag atá ann: a chorróchadh chun feirge nó míoshásaimh é. Cad ghriog thu a's a lithéid do dhéanamh: cad do chuir fút?: cad é an mío-ádh nó ceal tuisceana a bhí ort?

griolladh: *f.* (*-lltha*) déanamh, suathadh, duabhais. Fuaireas, má fuair aonne beó riamh griolladh ón mbliadhain seo caithte, cailleadh mo dhaoine orm agus chailleas mo mhaoin shaoghalta: suathadh mór, iomard. Im shuidhe leis an éan, mo dhá cheann i gcré i rith an lae, ar caol-bhiadh agus beagthuarasdal, nár mheastamhail an griolladh ar fhear oibre é: déanamh: an bhail do chur ar dhuine. Mara bhfuaireas griolladh ag teacht amach sa

tsluagh tríd an ndoras cumhang: suaineáil: sáthadh a's tuargaint. Ní bheinn a thuilleadh fé ghriolladh aca d'fhágas annsan iad: fé rósmacht.

gríos: *f.1. 7 3.* aon bhriseadh tochasach nó mothóilt ar an gcroiceann gur mhian a scríobadh; bruth; luath the, sméaróididhe dearga. An gríos go n-itheadh é! Cuir na prátaidhe fen ngríos .i. an luath the. Teine gan gríos ní thiocfaidh as: sméaróididhe dearga. Gríos gan ingnibh chughat! .i. tochas gan scríobadh ort.

gríosach: *b.2.* sméaróididhe teó, dearga; teine an-the; brúid. "Máthair mo chéile mar stéig ar an ngríosaigh" .i. í dhá róstadh ar bhrúidtheine. Ní hamuigh ataoi, níl baoghal ort faid bheidh gríosach leat: teine mhaith, dhearg. Cuirfead-sa gríosach leat: teas leat: déanfad-sa an saoghal chómh mísheachair duit ná taithneóchaidh sé leat. Fágadh an breac ag róstadh ar an dteine go ndeárna gríosach de a's nár bh'fhéidir a itheadh: sméaróid. Mara gcuirtear cosc leis déanfaidh sé gríosach: oiread díoghbhála a's dhéanfadh tóiteán. Déanfaid gríosach ón aer do bhailtibh lé n-a gcuid pléascán: loiscfear síos go talamh iad. Níl aon faic lé maoidheamh agat, níor fágadh puinn i dtóin snighte agat, as an ngríosaigh do thairngis é: as an dteine: ní raibh ann ach gur éirigh leat.

gríosadh: *f.* (*-sta*) spriogadh, brostughadh, saighdeadh, misniughadh; do thíoradh feóla leis an dteine nó do tháthughadh aráin. Chómh righin leisceamhail sin nár bh'fhéidir é do ghríosadh chun oibre dá ngealltí an trócaire dho: é do bhrostughadh. Mara mbeadh duine éigin ghá ghríosadh ní raghadh sé in achrann leat, duine macánta mar é: ghá spriogadh: bheith ag luathughadh leis. Fonn a dhóthain air gan aon chall lé gríosadh aige: tafant gnímh air. Na páipéir lán den iomard do bhéarfadh orainn dá dtagadh cómhacht eachtrannach isteach orainn; iad ag gríosadh na ndaoine chun ullamhuighthe: ghá múscailt a's ghá mbrostughadh lé deasca an iomghabhála do chur 'n-a luighe ortha. Máthair mo chéile a's í dhá ghríosadh ag an gcat! .i. eisean a's í ar bhior aige leis an dteine chroidhearg. Chuaidh lámh an leinbh 'on teine a's fuair árd-ghríosadh: loscadh mór. Aonne eile a gheóbhadh leath an ghríosta ón saoghal a's fuair sé – báiseanna, breóidhteacht a's cailleamhaint maoine – chuirfeadh sé 'on chré é: tuargaint. Bí ag gríosadh na teine má tá fonn ort bídh do chur i dtreó: ghá cóiriughadh i slighe go gcuirfidh sí aníos an biadh. Ní theastuigheann aon ghríosadh uaim chun dul ag rinnce, táim ar sciobaigh cheana féin: luathughadh: brostughadh. Is mór go léir an gríosadh léightheóireachta atá ort, leabhar id láimh chuile nóimint den ló: fonn mór. Cad é an gríosadh atá ort ná tuigim focal uait? labhair go réidh: líonrith.

gríosáil: *b.3.* lascáil; búrdáil; tuargaint. Triúr aca ag gabháil air. Fuair sé a ghríosáil ón árdmháighistir toisc é do bheith athumhalta: búrdáil: smísteáil lé slait. Thug sé an oiread san gríosála dá theangain toisc gan me do bheith in am, gur chuir sé náire orm: léasadh: chuir sí a mhíchéadfadh 'n-a luighe chómh daingean san orm.

gríosálaidhe: *f.4.* sprioguightheóir, brostuightheóir, gríosuightheóir. Gríosálaidhe bruighne nár chuibhe dho aonne bheith 'n-a fhochair, a chuirfeadh pobal trí chéile: fear mioscais. Riamh níor oibrigheas fé aon ghríosálaidhe mar é, ní thabharfadh eaga tairngthe t'anála dhuit: brostuightheóir.

gríosaim: *b.a.* brostuighim, spreagaim; saigheadaim; spochaim. Gríos chun catha iad, aithris dóibh ar gach mícheart agus éagcóir atá déanta ge n-a namhaid orthu: luathuigh iad: múscail a spirid ionta in aghaidh a namhad. An bórd deaghshoghaltaisidhe a bhí os a choinne amach ghríosfadh sé aonne chun ithte: chuirfeadh faobhar chun bídh air. Baint ná trácht ní theastuighim uaim do bheith agam leat, ná gríos me: ná corruigh chun droichmhianaigh me. Choidhche ní bhuailfeadh sé me, mara mbeadh gur ghríosas é lé cainnt tharcuisnigh: mhúsclas a chuid feirge. Gríosann sé, gan aon truagh aige dho, an t-asal bocht chun iomad reatha do bhaint as: priocann a's giobann é. Is maith an té ná gríosann an t-airgead é: ná músclann é chun ruda do dhéanamh ná déanfadh gan a chathughadh. Do ghríos sé fúithe peacughadh leis: do thafan a's do spreag: do mhúscail a hainmhian.

griothal: *f.1.* fotharaga, deabhadh, fuadar; dul trí chéile. Griothal ar fad seadh é, ní mór go leigfeadh sainnt chun oibre air focal cainnte do thabhairt duit. Cá bhfuil do ghriothal? suidh: an cúram a choimeádfadh gnóthach thu. Leis an ngriothal do leagadh é: leis an bhfotharaga gan aire do thabhairt do féin. Go lá do bháis nár imthighidh an griothal díot, féach mar leagais mo chnocán: deifir gan féachaint mar a bhfuilir ag gabháil. Griothal is bun lé leath na dtionóiscidhe a thárluigheann ar na bóithribh fé láthair: siubhal mór neamh-aireach. Aimsir ghriothail an fóghmhar: go mbíonn na daoine go cúramach gan sos go mbí deireadh déanta aca. Go cruinn aireach tú anois gan griothal ag cuimsiughadh i gceart: gan líonrith.

griothalach: *a.* fotharagach, fuadrach, deabhfrach; fúscarach. Dhoirtis é, nidh nách iongadh, bhís ró-ghriothalach, a's ní fhéadfá é do chur cruinn 'on árus: deabhfrach, neamh-aireach. Gach aon chóngtóir sa tsiopa go griothalach ag friotháilt ar lucht ceannaigh: go mear, pras. Táir an-ghriothalach chun bheith ann, beir fada air, béarfair air: scubhtha: fonnmhar. Duine griothalach seadh é chun obair shlachtmhar do dhéanamh .i. is mó a dheabhadh 'ná a aire. Is griothalach a bhí daoine ag cur díobh as an gcathair nuair bhí an namhaid ag ionsaighe na cathrach, ar eagla a dtógála: lán de dheabhadh a's de líonrith.

griothalánaidhe: *f.4.* duine fústarach, corabhuaiseach; neamhshocair, corrthónach. Go bráthach bráthach ná rabhair ach id ghriothalánaidhe, ná béarfá réidh ar an saoghal tamall éigin: neamhshocair: i gcómhnaidhe ar barr ithearach: eaglach ná féadfadh teacht ar a chuid cúirim. Sin mar bhíonn ag an ngriothalánaidhe choidhche, dearmhadach, easbhaidhtheach: an té go mbíonn an iomad deabhaidh air gaibheann thar chuid mhór dá ghnóth gan a dhéanamh 'n-a cheart. Tá sé ar an ngriothalánaidhe fir is mó ar m'eólas: is fuadraighe: go mbíonn mórán iarann sa teine in aonfheacht aige.

griotharnáil: *b.3.* cainnt san aer; cur as. Thabharfadh sé an oidhche ag griotharnáil in aice na conntabharthach gan a fhiafruighe dhíot an raibh béal agat: ag scaothaireacht: ag cur as. Chuir uait an ghriotharnáil a's dein rud éigin go bhfeiceam an bhfuilir chómh maith lé t'fhocal: gliogairnéis chainnte. Leis an ngriotharnáil a bhí air focal ní thuigfeá uaidh: luas a's neamhchruinneas cainnte.

gríscín: *f.4.* blúire tanaidhe feóla lé róstadh nó lé gríosadh os cionn teine.

grod: *a.* tapaidh, mear, pras, lúthmhar, luath, obann, corr, giorraisc. Faid bhíos an t-iarann te buail go grod é, ná leig do fuaradh: tapaidh, friothálach. Nuair chonnac an tóir ag dlúthdhruideam liom chuireas díom go grod gan cuimhneamh an dara huair air: go hobann. Gan aon choinne aca leis thángadar ar chúinne grod sa bhóthar a's smiotadh air iad mar ná féadfaidís a nochtadh: cúinne corr. Gach freagra dá dtug orm, is go grod é, budh dhóigh leat air gur cheart do me do shlogadh: giorraisc .i. thug sé snap orm. Dá mb'áil leat gan bheith chómh grod bheifí níos buidhthighthe dhíot: chómh neamhfhoidhneach. Stad an casán go grod a's annsan chuadhas as m'eólas: go hobann: gan choinne. Tá fánaidh an-ghrod leis an bhfaill: géar. D'fhágas an baile go grod tréis a deich a chlog: go luath.

grod-: *i gc.fh.* mear, éascaidh. Grod-aighneas is mó do fuaireas uaidh a's ní síthbhialtacht: giorraisc: drochlabhartha: míomhúineadh. Ní mór d'iarann the grod-bhualadh d'fhagháil chun a chúmtha a's a cheapadh: bualadh mear gan faillighe. Grod-dúnadh an doras orm: go hobann a's gan coinne. Grod-amharc dár thugas i dtreó an chnuic chonnac an t-eiteallán ar barr lasrach: amharc tapaidh. Chonnac ag teacht ar ghrod-rás é: ag rith ar a dhícheall. Ní fhéadfá puinn muinghine do bheith agat as, tá sé grod-inntineach: luath-inntineach. Seachain tú féin ar ghrod-chasadh atá sa bhóthar, iompuigheann sé go hobann ar dheis: cor crosta. Cad n-a thaobh an ghrod-fhágaint, nár shaoileas go bhfanfá i bhfad: imtheacht tapaidh. Bhí grod-imirt mhaith aca, ní raibh aon fhuacht ortha: imirt mhear, ghéar. Thug sé grod-léim go ndeaghaidh i ndrom an chapaill den iarracht san: léim lúthmhar.

grodmhar: *a.* tapaidh, éascaidh, tafantach. B'fhearr liom ná beifeá chómh grodmhar orm dul abhaile leat fós, mar ná fuil aon fhonn orm: tafantach. Bíonn sé 'n-a shuidhe go grodmhar nuair glaoidhtear air: gan aon mhoill. Ar an uain ghrodmhar so gluaisfeam: láithreach bonn.

groga: *f.4.* ar cromadh, gronnga; duine éiglidhe, sean; ainmhidhe lag, corruighe neamhionann, neamhshocair, obann mar thárlóchadh le laige, meisce, tuargaint etc.; staonadh i ndéanamh ruda nó ar dhul ar aghaidh leis. Bheadh truagh agat do ar a ghroga i rith an lae ag dubhobair gan a cheann do thógaint: cromtha chun talmhan. Leis an aois tá groga ann .i. tá sé cromtha. Is mithid do bheith 'n-a ghroga anois, mar is iomdha lá ar an saoghal aige: é bheith fann, cromtha. Ní fiú puinn an groga bó san agat: lom, bocht, seirgthe. Ní fhéadfadh gan cuid mhór dighe do bheith caithte aige, mar baintí grogaidhe as a chuireadh treasna na sráide é: tuislidhe siubhail a chuireadh ar bhior a chinn é nách mór ná go dtreascairtí é. Nuair pleanncadh an long baineadh groga aiste gur chrith sí ó fhosta go snaidhmin: suathadh a's crothadh í go mór. Nuair chonnacadar an clódh troda a bhí orainn tháinig groga ionta sinn d'ionnsaidhe ar eagla a gclaoidhte: luigheadughadh ar a meanmain: staonadh. Bhain an droichscéala groga asam lé n-a uathbhásaighe: chrith sé me: thóg sé os chionn talmhan me ar an dtoirt. Cuir groga ort féin ar scáth an chlaidhe chun ná feicfear thu: gronnga: crom do cheann a's do chorp. Ar a ghroga de ló a's d'oidhche os cionn leabhar: ag síorghabháil díobh gan tógaint cinn.

grogaire: *f.4.* scruibile, duine nó ainmhidhe caol, lom; faoileann óg. Tá grogaire déanta dhe, ní thabharfá deich triuich air: imthighthe tairngthe, lom. Grogaire seanduine .i. ná bíonn seasamh fuaimeantamhail aige: fann lé haois. Ná bí id ghrogaire teinnteáin, buail amach a's dein rud éigin: duine gur gnáth aige bheith tímcheall na teine. Chómh neamhshocair ar a chosaibh le grogaire .i. bíonn faoileann óg an-ghuagach 'n-a siubhal.

grogaireacht: *b.3.* do bheith ar groga; bheith ar aiste neamhdhaingean. Ualach chómh trom san air go raibh sé ag grogaireacht fé: ag luascadh mar bheadh ar tí tuitim. Tóg an t-árus san d'fhaobhar an bhúird, tá sé ar grogaireacht ann: i gconntabhairt a thuitim. Aon luadar níl anois aige, a shaoghal ag grogaireacht cois teineadh: cromtha 'n-a chnochaire 'n-a haice.

groidhe: *a. n-dh.* an-mhór, fial, iongtach. Má tá lochtaidhe féin air, tá croidhe groidhe aige, thabharfadh sé a léine: croidhe mór, fial. Budh ghroidhe an gáire a dhein sé: beódha, ó chroidhe amach. Mám groidhe airgid: mór, trom. Budh ghroidhe an iarracht do thugadar ar iad féin do chosaint, gan ann aca ach céad i gcoinnibh míle nár ghéilleadar go raibh an fear déidheannach marbh: iongtach, acfuinneach. Nílim ag tagairt don meathalóir sin ach d'fhear groidhe atá ann: mór cumasach.

groigh: *b.2.* scata capall i gcóir síolbhaigh. Gort na Groighe, ainm áite.

groighre: *f.4.* duine láidir, acfuinneach; duine sármhaith. Bíonn gliogar ag gloinidhibh nuair ghlaodhann an groighre deoch: fear croidheanta flaitheamhail. Groighridhe imirtheóiridhe seadh iad gur deacair a gclaoidheachtaint: togha fear lé neart a's ealadhain.

gronnga: *f.4.* aiste chromtha; i gcnochaire; cuma chasta ar a chéile. Féach an gronnga atá air ó dhian-obair: é 'n-a chnochaire .i. connluighthe ar a chéile. Cuir gronnga ort féin cois an chlaidhe ón sín: crom a's connluigh thú féin. Fuair sé tuiteam a fhág gronnga lé n-a shaoghal air: droinn (dronn). An doras chómh híseal san gur ar mo ghronnga do chuadhas isteach: ar mo chromadh.

gruadh: *b.2.* faobhar na leicne fé bhun na súl; an mhala; scéimh bhóthair, etc.; taobh scoilte. Chuaidh mo dharadha i ngruadh, cheangail an dubhán sa tslighe gur caitheadh an losna do bhriseadh: i bhfaobhar scoilte. A bhfuil agam a's lé hallus mo ghruadhann do thuilleas é, níor tháinig aon phioc de in aisce orm: lé duadh mór. Cuirfidh san deóir ar do ghruadh: beidh strus ort ghá dhéanamh. Shuidh sé tharais ar ghruadh an bhóthair chun a scíth do leigeant: faobhar na díge. Scéidh gruadh na faille: bruach. Gruadhanna fada, dubha a bhí ag clúdach a shúl: fabhraidhe.

gruadh-: *i gc.fh.* Ná bí chómh gruadh-náireach san a's ná leigfeadh támáilteacht duit labhairt: luisne san aghaidh lé scáthmhaireacht. Chreidfinn go ndéanfadh sé aonnidh, tá sé neamh-ghruadh-náireach a dhóthain chuige: ní chuirfeadh aon rud lasadh an náire ann. Béad-sa go gruadh-fhliuch i ndiaidh mo stóir: go dubhach, deórach.

gruagach: *f.1.* fathach; spirid olc nó maith go raibh cómhacht aice ar bheatha dhuine. Gruagach an tobair: fathach go raibh cómhacht os chionn nádúra aige a's a bhíodh i mbun

tobair draoidheachta (seanscéal). Gruagach fir: fear groidhe go neart thar barr, a bheadh i ndán bearta thar an ngnáthdhuine.

gruaig: *b.2.* folt. Cúl gruaige: folt muirearach. "Fé thráthnóna ní bheidh an ghruaig féin air" deirtear le duine a bhíos ag tochas a chinn lé míoshásamh. An ghruaig go n-imthighidh dhíot (míoghuidhe): galar ort go maoluighir leis.

gruaim: *b.2. 7 3.* mío-ghnaoi, míoshásamh, duairceas, canntlamh; míothaithneamh, míchéadfadh. B'annamh leis, mhuise, bheith chómh ciúin, tá gruaim éigin indiugh air ná fuil gíocs as: míoshásamh aigne. Má budh mhaith leat gruaim do chur air níl agat ach a rádh leis ná féadfadh sé dul in aon áit mar ná fuil faic aige: míoghnaoi: aiste aigne a chuirfeadh í féin in iúil 'n-a aghaidh. Sé an paróiste gan ghruaim ambliadhna é, buidheach 'e Dhia, tá beatha go flúirseach as an dtalamh: gan duairceas. Abair aonnidh is áil leat leis, ní chuirfidh aon rud gruaim air: mairg: míoshástacht. Cuireann sé gruaim air gach aonne do bheith ghá aoibhneas féin ach eisean féin: dolbhach. Ar theacht isteach dom chuir sé gruaim air féin chugham, taidhbhsigh sé mar doicheall aige rómham: crap na mailidhe aige lé míoshástacht.

gruamachán: *f.1.* duine searbh, gargruighthe. Gruamachán ná sásóchadh an saoghal é, a's nách féidir bruic leis: duine gur deacair cóstáil leis. Gruamachán ná faghann blas ná dath ar aon rud do dhéanfá dho, dá fheabhas é: duine gur dual do bheith míoshásta.

gruamdha: *a. n-dh.* spuaiceach, doichilleach, mairgeamhail, míoghnaoidheamhail, dúr, duairc, daibhceach. Carraigeacha fiadhaine, gearbacha go bhfuil cuma ghruamdha ortha: coimhtheach: ná taithneóchadh a n-amharc lé duine. Bhíodar go léir an-ghruamdha toisc gur buadhadh ortha, ní bhfaghfá focal séimh ná mín ortha. Ní dóighchín d'aonne rud do lorg air ar an ndeallramh gruamdha atá air: cuma choimhtheach a chuirfeadh de dhuine. Bean ró-ghruamdha seadh í, ní fhéadfá bheith muinghineach aiste; is an-dheacair teidhmint do dhéanamh uirthe: taomanach. Caith siar an deoch bhríoghmhar d'fhéachaint an mbainfeadh sí an ghnaoi ghruamdha dhíot: an meanma chlaoidhte: an spuaic dhúr.

gruamdhacht: *b.3.* doichilleacht aigne, mairgeamhlacht, duairceas, daibhceacht. Ó cailleadh a clann uirthe luigh gruamdhacht uirthe ná bainfeadh aon rud gáire ná sult aiste: duairceas. Níl aon tarrac daoine ann, bíonn gruamdhacht air ar a luighead cúise a's ní bhfaghfá focal den gcainnt uaidh: dubháilceas. Ná bíodh aon ghruamdhacht ort linn níl againn duit ach deighmhéin: míoshástacht. Chuir sé gruamdhacht thar meón air sinn do theacht air lé linn bídh do: doichilleacht.

gruibearlach: *f.1.* duine neamhghasta. A ghruibearlaigh, féach cad tá déanta agat, mo leabhar ar fad salach, bréan agat: a dhuine gan cruinniughadh. Gruibearlach amadáin a laitfeadh aon rud go bhfaigheadh greim, le tuathalacht a's liobarnacht: aindeiseóir gan chruinneas 'n-a ghéagaibh. Gruibearlach mór duine ná raibh aon chúram aige i mbun siopa mar ná feadair cá bhfaigheadh an rud a bheadh uait: duine gan tapamhlacht ná gliocas.

grúnta: *f.4.* do thómhas aoirde na farraige, d'fhagháil amach an fhaid ón ngrinneall go mbéarfadh iasc. Cad é an grúnta atá agat go rug an deargán san ort?: an méid feadh ó thalamh (grinneall). Táir ar do ghrúnta, a bhuachaill .i. ag faire go haireach chun teacht suas lé rud éigin mar bheadh iascaire ag feitheamh lé priocadh éisc. Ar a ghrúnta i dtigh an tábhairne: ag feitheamh 'sag faire cé sheasóchadh deoch do.

grúntáil: *b.3.* do thógaint grúnta; do thómhas aoirde na farraige lé daradha a's luaidh; do shúmratáil chodlata. Dúisigh den gcathaoir é nó is leis tuiteam 'on teine, sin é ag grúntáil codlata é: groga dhá bhaint as i leith a chinn a's é ag múscailt go hobann a's groga eile annsan. Bhraith an captaen go raibh sé in uisce éadtrom a's rinne sé grúntáil d'fhagháil amach an raibh aon bhaoghal go mbuailfeadh an long: a thástáil cad é an doimhneas uisce a bhí ann.

grúntálaim: *b.a.* tomhaisim doimhneas na farraige. Nuair ghrúntáladar an áit ní raibh ann ach deich bhfeádha. Ghrúntáil sé leis an baile ó thigh go tigh: thástáil sé leis iad d'fhéachaint an mbuailfeadh aon ádh é.

gruth: *f.3.* an chuid reamhar den mbainne tréis an mheidhg do bhaint de. Tá géaga an leinbh sin chómh bog le gruth, ná tabhair aon ionnramháil thar ceart do: an-bhog. Stad anois tá an iomad ded shlighe féin uait, cuimhnigh nách féidir leat é do bheith 'n-a ghruth a's n-a mheadhg agat .i. idir choirt chroiceann: ar do thoil féin. Deirtear lé duine go mbíonn an t-aimeón deabhaidh air, nár bheiridh an gruth ar an meadhg agat .i. is é an meadhg do caithtear ar dtúis. Tá an leamhnacht 'n-a ghruth: 'n-a chnapánaibh briste, géara.

guag: *b.2.* baois; duine baoth; éagconn. Riamh níor fhág an ghuag thu, chaithfeá tú féin do chur in iúil pé áit go mbeifeá: an éagconntacht: baosraidh. An ghuag bhocht, ná tógtar aon cheann de, go raghaidh sé 'on chré ní dhéanfaidh sé ach gach aon rud níos measa 'ná chéile: gealtán: éadtromán.

guagach: *a.* baoth, neamhshocair, corrthónach, méabhánach. Long ghuagach i bhfarraige reimhir gur dheacair duit do chosa do chongbháil ar a húrlár: baoth: luascach. Táir id shuidhe in áit ró-ghuagaigh, ró-árd os cionn talmhan, aon chorruighe in ao'chor agus anuas leat: in áit ná fuil fuaimeant cheart ghreama agat. Inchinn ghuagach aige, ná fanann ar an dtreó chéadna an dá lá i ndiaidh a chéile: taománach: luath. Bíodh breis fhuaimeanta leat a's ná cuir suim i nidhthibh gan tábhacht, ná bí chómh guagach san: neamhstuamdha. Coca ró-árd seadh é, ní fhéadfadh gan bheith guagach nuair bhéarfadh gaoth mhór air: claon lé luascadh a's tuiteam. Is mór gur neamhghuagaighe liom fanacht ar an dtalamh tirim 'ná dul ar an bhfarraige: gur socra liom: gur fusa dom fanacht ós chionn cos.

guagadán: *f.1.* duine neamhfhuaimeantamhail; aon rud ná beadh suidhte go fuaimeantamhail nó bheadh ar tí tuiteam nó maig air. An guagadán hata atá air bhain sé gáire as lán aonaigh .i. hata go mbíonn maig air nó a bhíos róbheag a's é 'n-a chnochaire ar mhullach cinn. A ghuagadáin, éist, a's ná cloiseadh neach ag cainnt san aer thu mar ná fuil brigh ná ciall léd ráidhtibh: gan stuaim incheann .i. ná meadhann faic le céill.

B'fhuraist aithint dom féin gur dhuine gan taithighe a dhein na guagadáin chaola chocaidhe sin .i. atá ar tí tuiteam.

guagaire: *f.4.* ruathaire; fánaidhe; duine taomanach. Sin mar tá aige i mbád an tseachtmhain seo 'si malairt báid an tseachtmhain seo chughainn ag imtheacht 'n-a ghuagaire: ruathaire. Ná fanfá id chuideachtain féin a's gan bheith id ghuagaire: ionnramhálaidhe ó dhíorma go díorma. Ina ghuagaire ar nós na cloiche reatha, tamall ins gach aon áit aige: fánaidhe. Ná beadh stuidéar éigin leis a's gan bheith 'n-a ghuagaire, 'n-a fheirmeóir indiugh a's 'n-a iascaire ambáireach: gan luighe lé healadhain deimhnightheach ar bith. D'fhág sé im ghuagaire ar thaobh na sráide me ag feitheamh leis: gan fios agam cad budh cheart dom do dhéanamh.

guagaireacht: *b.3.* ruathaireacht, neamhstuidéarthacht, fánaidheacht. Lé guagaireacht atá sé faid a's tá aithne agam air; tamall in Éirinn, tamall i Sasana, tamall san Oileán Úr, a's gan puinn den tséan aige as aon áit aca: fánaidheacht. Cad chuige na gloinidhe sin d'fhágaint ar ghuagaireacht ar fhaobhar na siolpaidhe?: i reachtaibh tuiteam: gan suidhe ceart fuaimeantamhail aca. Ná chóra dho rud éigin tairbheach do dhéanamh a's gan a chuid aimsire do chaitheamh lé guagaireacht: gan cúram aonnidh air a dhéanfadh a thairbhe. Chómh dearbhtha a's taoi ag guagaireacht sa bhád buailfir a béal fúithe mara suidhir socair innte: guairneánach in árus baoth.

guailneach: *a.* Fir leath-ghuailneacha: guailne leathana. Capall caol-ghuailneach ná féadfadh mórán nirt do bheith ann.

guailneáil: *b.3.* do thabhairt na guailne dá chéile; do luascadh ó thaobh taobh ag siubhal. Buailtear amach an doras go réidh, socair a's ná bíodh aon ghuailneáil agaibh: ag suathadh a chéile leis na guailnibh. As san tioca as dóibh ó ghuailneáil go dórnáil: do chaitheamh a chéile as an slighe lé túrnáil gualnan. Is mór liom an ghuailneáil a bhíonn ar an gcapall san fén dtrucaill chun é do bheith 'n-a chapall mhaith: luascadh ó thaobh taobh: gluaiseacht neamhshocair. Cuir uait an ghuailneáil: an ghaigidheacht: luascadh gualnan lé meas.

guailneálaidhe: *f.4.* duine a luaisceas ag siubhal do, nó gur mian leis daoine do shuathadh. An lé meas nó an dual do bheith 'n-a ghuailneálaidhe mar sin ag siubhal: groga anonn 'sanall do bheith ann. Guailneálaidhe a shuathfadh an t-anam asat i ngasradh: suaineálaidhe: duine neamhshocair, guagach.

guailneán: *f.1.* isir de dhruim gualnan. Fáisc do ghuailneáin ort: gealarsaidhe.

guailnidhe: *f.4.* fear coimhdre; congtóir. Budh bheag budh ghábhadh dho eagla do bheith air, bhí a dhóthain guailnidhthe 'n-a threó. Seo guailnidhe dhom, táimíd 'n-ár gcomrádaidhthibh ge chéile lé fada riamh: cuallaidhe: caomhthach.

guailnidheacht: *b.3.* sáthadh a's suaineáil; iomchar gualnan. Guailnidheacht do fuair sé ón roilig a's ní har chróchar: ar ghuailnibh daoine a hiomcharadh í. Ná fanfá socair, nách ort atá an ghuailnidheacht: suathadh daoine, ghá sáthadh a's ghá suaineáil.

guailnighim: *b.a. 7 n-a.* suaineálaim lé gualainn. Ghuailnigheadar a chéile d'iarraidh seilbh na liathróide: bhuaileadar a chéile lé n-a nguailnibh. Ní shiubhalann sé go róshlachtmhar, guailnigheann sé: luaisceann ó thaobh taobh.

guaire: *f.4.* ruibe láidir. Ar ghuaire ghreamuigheann an gréasaidhe an snáithín céarach. Guaire muice: an ruibe láidir clúimh a bhíos uirthe.

guaireach: *a.* garbh; ruibeach. Ní féasóg atá air siúd ach pus guaireach: fionnadh láidir. Muc, gráineóg ghuaireach: go mbíonn ruibidhe láidre, neamhmíne.

guaireachán: *f.1.* duine nó ainmhidhe go mbíonn ruibidhe láidre ag fás air. Bearraidh tú féin, a ghuaireacháin, tá féasóg ort ó bhliadhain a haon.

guairne: *f.4.* sliogaire; uisce a bhíos ag casadh tímcheall a's tarrac síos aige. Taoide an-láidir ann a's cuilith guairne 'n-a lia áit innte a shloigfeadh thu gan aon dul as agat. Bíonn mo cheann 'n-a chuilithe guairne dá gcasainn tímcheall rómhear, rómhinic: tagann méabhán ann agus bím guagach ar mo chois.

guairneán: *f.1.* fuaidreadh, neamhshocracht, casadh, corrthónacht, faitchíos. Fan cúthail, socair leis, ná bíodh aon ghuairneán ort ar eagla go ndéanfá aon ghlór a's go gcoisfí thu: aon chorruighe. Ar an nguairneán atá ortha i státaibh na mBálcan na laetheanta so is baoghalach gur tuar catha é, tá achrann a's suathadh ann: neamhshocracht. Guairneán orm ar feadh na hoidhche ná féadfainn codladh ná suan do dhéanamh ná luighe socair: corruighe míoshuaimhneasach. I rith an lae ar fad nuair ná raibh sé ag teacht d'aithnigheas ar an nguairneán aigne a bhí orm go raibh rud éigin bun os cionn leis: suathadh, neamhshocracht, faitchíos. D'éirigh guairneán gaoithe a's chuir na hiascairidhe dhíobh abhaile: gaoth chas a chorruigh an t-uisce. Deineann an ghaoth guairneán ann mar tagann sí salach: glór a's fothram. Tá mo cheann 'n-a ghuairneán agat ó bheith ag éisteacht léd chlabghail ná bainim aon éifeacht as: 'n-a ruaille buaille. Tá guairneán an domhain im bholg, d'itheas rud éigin nár réidhtigh liom: dul trí chéile: míoshuaimhneas. Cad é an guairneán atá air indiugh go bhfuil an paróiste siubhalta aige?: míoshuaimhneas. Ar feadh na hoidhche go léir bhí an ghaoth ar guairneán, níor thúisce theas 'ná thuaidh í: ar fuaidreadh: ag atharrughadh treó.

guairneánach: *a.* neamhshocair, guagach, corrthónach, faitchíosach; atharrach. Bíonn leanbhaidhe áirighthe an-ghuairneánach ar scoil, is deacair iad do riar: neamhshocair. Brisfidh an suidheachán neamhstóinsighthe sin fút má bhír guairneánach air, níl ach a rádh go bhfuil sé 'n-a chéile: corruightheach, ionfairteach. Bíonn an t-uisce guairneánach sa chuas, tá sé lán de phollaibh a's a bhéal ar an bhfarraige mhóir, is deacair snámh ann: ar síorchorruighe. Ráinig an ghaoth guairneánach airéir, ní fheadrais sa deireadh cad as go séidfeadh sí: ar fuaidreadh: ag atharrughadh ó áird go háird. Is dúinn do thugabhair an oidhche ghuairneánach, a fhios gach uair linn cathain thiocfadh sibh a's gan sibh ag teacht: clamparach, míoshuaimhneasach: ar guardal. Faic níl ar mo chumas d'itheadh anois, chómh maith agus is maith liom Dia d'fheicsint, tá m'aigne ró-ghuairneánach: róshuaidhte.

guais: *b.2.* conntabhairt, draip, teannta; duadh, taom. Garbh-ghuais ort!: taom go mbí freangaidhe troma tinnis leis. Choidhche má bhír i nguais a's go dteastóchaidh cabhair uait, goir me: i ndraip. Níl lá dá n-éirigheann an peacach dá leabaidh ná go bhfuil i nguais ag an ndiabhal: i gconntabhairt aige é do chur ar a aimhleas. Tá mo bhean i nguais leinbh: i dtinneasaidhibh luighe seólta. Cad eile é ach guais bheith ag dubhrámhaidheacht ar feadh an lae i gcoinnibh gaoithe a's taoide: duadh uathbhásach. Nách lag-pháisteach ataoi, dar leat bheith i nguais an bháis ge tinneas fiacaile: ar barrghail báis. Níl aon ghuais dul ar snámh annsan ach gan dul rófhada amach: conntabhairt. Cuirir-se guais oibre ort féin nár ghábhadh dhuit, bhéarfá do mhaididhe leat chómh maith ar bhreith bog air.

guaiseach: *a.* conntabhartach, duaibhseamhail, marbhthach. Ní fheadair aonne é ach an té a gheobhadh tríd an obair ghuaiseach do bhíonn i muileann cruaidhe, do shíor ar siubhal ag sluaisteáil fé theas bheirbhthe: lántsaotharach. Ualach ró-ghuaiseach d'fhear é sin ná fuil dóthain capaill 'n-a iomchar: róthrom: rómharbhthach. Cé déarfaidh ná gur guaiseach an bheatha bheith ar an bhfarraige an aimsir seo a's a bhfuil d'áthraighibh dhá chur ar tóin puill: lánchonntabharthach. Ar crochadh annsúd ar thaobh na faille i dtéid budh ghuaiseach an t-ionad é: ionad ná raibh róshásta.

guaisce: *f.4.* eadranálaidhe; clamparnach. Teach ósda ar an mbaile ní gheóbhadh leis an nguaisce sa deireadh mar ná féadfadh sé aonne do leigeant tharais gan dul in achrann ann. Is mór gur bh'fhearr liom an fear maith d'fhágaint aige ná guaisce do dhéanamh díom féin leis .i. beith ag déanamh clampair.

guaiseamhail: (**guaiseach**) *a.* conntabharthach, clamparach, teanntuightheach. Budh ghuaiseamhla liom go mór bheith in eiteallán 'ná i mbád fé thuinn ar dhul i bhfarraige - bheadh cao éigin ag duine, ar thuiteam as an aer pioc: is conntabharthaighe. Sciob an aicíd ghuaiseamhail na fichididhe léi: marbhthach. B'fhearr dhom fuireach uaidh, cuma róghruamdha, ró-ghuaiseamhail air, ní fios cad dhéanfadh sé: neimhiontaoibheach: cosamhail go mbascfadh duine. Droichead lag guaiseamhail é sin chun an iomad ualaigh do chur: neamhmuinghineach.

gual: *f.1.* mianach cruaidh iondóighte, carbón an chuid is mó de. Chómh dubh lé gual: ciardhubh. Tá mo chroidhe 'n-a ghual agat ó bheith im chiapadh gan adhbhar: tá an subháilceas budh cheart do bheith ann ruaigthe agat. Gual ceárdchan: gual mion.

guala: *b.5.* (*iol.* guailne, gualacha) an nasc a chuibhrigheas an ghéag leis an gcorp; sáthadh leis an ngualainn. Thug sé guala dho a's threascair é: caitheamh nó sáthadh leis an ngualainn. Chuir sé a ghuala liom: chabhair sé liom. Gluaiseam guala ar ghualainn: ar chóimhchéim: i gcabhair a chéile. Táid guala ar ghualainn, gan faic lé maoidheamh ag duine aca ar an nduine eile: ar chóimhrian. Is maol í guala gan dreatháir .i. an té ná bíonn dreatháir aige nó fear a chabhartha is éigean do béal ciúin do bheith aige. A anam féin ar ghualainn gach aonne beireadh leis nó fágadh: staon de bheith ag tabhairt breithe ar an bhfear thall; ní pioc de chúram aonne eile é. Ar ghualainn Sheáin níl ann ach leithscéal mar mhúinteóir: i gcómhnáird leis. Dá mbudh ar do ghualainn-se do luighfeadh an cúrsa so, ní bhéarfadh chómh neamhshuaimeamhail air: dá mbudh tusa bheadh ag fulang.

“Bhuail ar do ghualainn é a’s abair nách ualach é”: árduigh leat é agus is fiú dhuit sin. Cuireadh an ghuala as ionad: an t-alt amach. Thuiteas ar bhior (chnámh) mo ghualann: a chuid is uachtaraighe dhi. “As do ghuailnibh é!” deirtear lé duine mar gháir mhaoidhte ar ndéanamh deaghbhearta. Tón na Gualann (ainm áite): bun faidhbe is sia amach ’ná an cnoc féin. Chuir sé leath-ghuala air féin i gcoinnibh na síne: d’ísligh sé guala leis. Cad chuir an leath-ghuala air?: ceann aca íseal. Casóg róchumhang sa ghuailnibh í: gan drom a dóthain do bheith aice. Bád go bhfuil guailne rótheanna uirthe: í déanta róleathan idir a lár agus a tosach. Cheannuigh sé guala chaorach: ceann des na cosaibh tosaigh ó chrúib go righe a cuirp. Guala ar lár: as ionad. Cuir i gcrích é sin, cá bhfios duit cé árdóchadh (bhuailfeadh chuige ar) leis ar a ghualainn é: a shanntóchadh é a’s a fhuadóchadh é. Caitheann sé a shaoghal mar sin ’sa ghuala lé hursain aige: deargdhíomhaoin. Is iomdha ball maith do chaith sí feadh n-a gualann .i. tímcheall .i. d’éaduigheadh sí í féin go huasal. A folt fada, muirearach de dhruim a gualann léi: ag clúdach síos thársa. Stracfadh an tarrac so na géaga as na guailnibh agat: ionad na ngéag. Guailne an bhuidéil .i. an áit árd mar a gcasann sé isteach chun an scrogaill. Tá guailne ar an mbloc a caithfear do bhaint de chun é d’oireamhnughadh: fadhba. Raghainn go dtím dhá ghualainn do: dhéanfainn mo dhícheall mór do. Aon bhreith níl agat air siúd lé neart - bhéarfadh sé leis ar a ghualainn thu: budh bheag aige mar ualach thu. Cuir ar crochadh ar ghualainn an dorais é: lasmuigh ar leathtaoibh.

guardal: *f.1.* imshníomh, ionchas, fánaidheacht, ar iarraidh; ar cuardach; guairneán; éan beag dubh-liath farraige ná feictear lasmuigh ach leis an amhdhóircheacht nó leis an oidhche. B’í an oidhche ar guardal againn í ag feitheamh leó a’s gan aon tsúil lé n-a mbeatha lé holcas na huanach: trí chéile: lán d’imshníomh. Tháinig ceódh orainn ná feicfeá an té a chuirfeadh méar it shúil a’s chaitheamair an oidhche ar guardal gan tigh ná treabh do bhaint amach: ag imtheacht tímcheall as eolas. Thugamair an lá ar guardal ag lorg an leinbh a chuaidh amugha: go himshníomhach ó bhall ball. I bpeictiúir scairte aer-ruathair i Sasana bhí cuma an ghuardail ar a raibh teichte isteach ann: neamhshuaimhneas suaidhte. Ar guardal ataoi ó rugadh thu: gan suidhe stuidéardha. Ar nós an ghuardail ná tagann amach ach leis an oidhche ar eagla na faoilinne ghá shlogadh: go clúduightheach. Caitheadh amach as a guid talmhan iad a’s cuireadh lé guardal an tsaoghail iad: ar an bhfán. Fiche long aoir leis an namhaid ar guardal tréis na hoidhche: ar iarraidh: gan filleadh ar a log. Ní har guardal do cothuigheadh me: bheith ag bailiughadh bídh dom ó bhaile go baile.

guidhe: *b.4.* paidear, impidhe, gníomh adhartha, faoisdine, iarratais nó buidhe do Dhia; urnaighe, athchuinghe. Bás in Éirinn chughat, mo ghuidhe dhuit: an rud is méine liom duit. Guibh do ghuidhe (droichghuidhe) id bhéal: nár théighidh sé tharais sin agus ort féin go dtuitidh sí. Ná bíodh an ghuidhe ghann agat: guidh lé hanamachaibh na marbh go léir. Anois do chloisfir guidhe an bhacaigh; an ghuidhe ná bíonn an croidhe léi .i. bíonn sí dhá thabhairt dos gach aonne. Cuireadh a anam fé ghuidhe an phobail: dubhradh paidear sa teampall do le linn an aifrinn. Do ghuidhe nár fhaghair: an rud is mian leat a thárlachaint nár né. Nár ghaibhidh do ghuidhe (drochghuidhe) thar pholl do thóna a’s an cómhgar isteach!: cainnt an-ghiorraisc, an-tharcuisneamhail. Bí ag guidhe Dé ar mo shon: ag iarraidh mo thairbhe air go dúthrachtach. Dá bhfaghadh gach aonne a ghuidhe bheadh leath an tsaoghail damanta .i. nách ar fheabhas a hathchuinightear ar Dhia i gcómhnaidhe.

Tá sé ó ghuidhe anois: thar fóir. Ní lé guidhe gheóbhair é seo in ao'chor .i. caithfir saothar ar a shon. Ag guidhe chun Dé a's Muire sibh do theacht slán: dá impidhe (dá iarraidh) ortha go humhal, dúthrachtach. "Go gcuiridh Dia ar do leas tu", sin deagh-ghuidhe. "Go n-árduighidh an diabhal leis é", sin droch-ghuidhe. Dá bhfaghadh sé a ghuidhe níor bh'olc leis mar bheinn .i. tá aigne dhíomasach aige dhom.

guidheachtain(t): *b.3.* d'athchuinghe, d'impidhe; d'iarraidh go cráibhtheach. Ag guidheachtaint chun Dé na n-uile-chómhacht: ag iarraidh tairbhe nó cabhartha go humhal, cráibhtheach lé lán-chroidhe agus cion. Bhí sé ag guidheachtaint orm a's me tinn breóidhte: ag impidhe ar Dhia faoiseamh do thabhairt dom. Bí ag guidheachtaint air é do thabhairt duit: ghá iarraidh go dúthrachtach, umhal. Ag guidheachtaint párdúin ar dhuine go raibh croidhe chómh dubh lé gual aige: ag lorg ó chroidhe amach: go díoghraiseach. Ag guidheachtaint leis na marbhaibh: ag rádh paidreach chun Dé ar a son. Ní théigheann stad orm ach ag guidheachtaint séin is sonais chughat: ag mianadh: m'aigne agus m'inntin leis go dúthrachtach. Ar a ghuidheachtaint sin do gheobhair uaim é a's ní har do shon féin: ar a iarratas umhal. Lá a bháis ní fiú guidheachtaint ar a shon, bhí sé chómh sprionnlaithe sin: paidear do rádh ar son a anama.

guidhim: *b.a. 7 n-a.* impidhim, athchuinghim, iarraim go humhal. Guidh orainn: iarr leas ár n'anama ar Dhia. Guidh dhúinn: iarr ar Dhia aiste éigin do bhronnadh orainn, faoiseamh nó maitheamhnachas do thabhairt dúinn. Gach drochrath guidhim duit: is é mo mhian go dtagaidh ort. Ghuidh sí ar a dhá glúin Dia do chiorrbhadh a shaoghal, bhí sé tréis an oiread san buadhartha do chur uirthe: d'iarr sí lé hiomláine a croidhe é. Guidhim thu teacht liom: iarraim ort i ndáiríribh cheart é. Guidhfead duit: déarfad paidear chun Dé ar do shon. Guidhim faid saoghail chughat .i. is é mo mhian láidir go bhfaghair sin. Ní ghuidhfinn leis an té a thug duit é sin .i. rud suarach.

guidhtheóir: *f.3.* duine a ghuidheas, a impidheas nó a adhras; duine paidreach. Áit róbheag, ní bhfuair na guidhtheóiridhe go léir slighe isteach ann: iad so a tháinig ag adhradh Dé. Guidhtheóir maith seadh é, níor fhág sé aon naomh ar neamh ná gur iarr a chabhair air dom: ímpidhtheóir.

guidhtheóireacht: *b.3.* paidreóireacht; ag athchuinghe; ag úrnaighe. Bean chráibhtheach a chaitheas furmhór a saoghail ag guidhtheóireacht, a paidrín 'n-a láimh aice a's í ar a dhá glúin: ag árdach a gotha a's a hanam chun Dé. Má fuair neach riamh guidhtheóireacht fuairis í uaidh i dtaobh é d'fhágaint id dhiaidh: fuairis mallachtaidhe. Bí ag guidhtheóireacht dhom: ag rádh phaidreach ar mo shon. Dá ndéanfadh guidhtheóireacht maitheas duit tá sí agat ós na daoinibh: mian na ndaoine do mhaith.

guilm: *b.2.* seirbhe, masla, aithis, mor-fhonn, miangas, flosc. Ní choirfeadh an saoghal mór é leis an nguilm oibre a bhíos air: an fonn tar meón. Íosfad idir fheóil a's phláta, tá an oiread san guilme bídh orm: sainnt agus fonn ithte. Lé guilm chugham níor labhair sé leis na bliadhantaibh chugham: seirbhe: mí-mheón. A lithéid de ghuilm agus thug sé ort ghá rádh nár mhaith ar mhuir ná ar tír thu: masla: mítheist.

guilmeach: *a.* searbh, fonnmhar, masluightheach. Labhair sé ró-ghuilmeach ar fad ort, ní raibh focal maith aige dhuit: masluightheach: droichmheónta. Focal dá dtáinig uaidh ní raibh ach go guilmeach, b'é a ghuidhe gach míorath ar gach aonne nár aontuigh leis: searbh, drochaigeanta. Dearbhuighim duit ná raibh aonne aca budh ghuilmighe chun catha 'ná é, b'é an chéad fhear ann é a's an fear deireannach ag fágaint: b'fhonnmhaire: budh dhúlmhaire.

guine: *f.4.* lann, sleamhanc beag, éadtrom, cnámhach a bhíos mar chúdach ar éisceannaibh áirighthe. Guinidhe deargán, ballach, etc.

guineadh: *f.* (*-nte*) do bhaint guinidhe. Ag guineadh an éisc: ag scriosadh an chroicinn chruaidh de.

guinim: *b.a.* bainim na guinidhe de. Guin an t-iasc: bain na guinidhe dhe.

gunna: (**guna**) *f.4.* arm teine. Gunna éan. Gunna pléascáin: bréagán leinbh in aithris ar arm teineadh; ghníonn pléasc mhór nuair sceinneann an t-aer teanntuighthe as. Dá bhfaghadh sé an gunna is é atá tuillte aige: dá lámhachtí é. Táid le béal an ghunna anois ar a chéile: ag cur catha. Ceap an ghunna: an stoc: an bun thiar a bhíos leis an ngualainn ghá aimsiughadh. Ródh an ghunna: an taobh istigh den mbaraille.

gúntaltacht: *b.3.* coimirce, scáth, cosaint, cómhacht. Níl aon teóra lé gúntaltacht Dé: cómhacht: neart. Chuir thú féin fé ghúntaltacht Dé: fé n-a choimirce, fé n-a chosaint.

gus: *f.3.* neart, tathag (tathnag), achmhainn, brigh. B'fhuraiste é do bhriseadh go deimhin, rud gan gus dob eadh é: tathag. Cuir gus id ghéagaibh: fuinneamh. An bhfuil aon ghus ort aonnidh do dhéanamh? nó an díomhaoin is fearr leat do bheith: fonn. Ól é sin, féach an gcuirfeadh sé aon ghus ionat, táir ag dul thar n-a chéile: brigh, anam. Snáithín gan ghus bhrisfeadh sé ar a luighead strusa: gan tathag. Biadh gan ghus: gan scabhárd. Cuir chuige lé gus: lé bríoghmhaireacht.

gustal: *f.1.* maoin, acfuinn, bheith i ndán; cómhacht. Ní raibh sé de ghustal aige an áit do cheannach, bhí sé ródhaor do a's é róbhocht: ar a chumas. Dá mbeadh sé de ghustal orm dul ann raghainn ach ní raibh, mar sin d'fhanas mar a rabhas: de dhualgas. Déanfad dréir mo ghustail: dréir m'acfuinne: dréir mar fhéadfad. Ní daoine gan ghustal iad san, tá tighthe a's áirnéis aca: maoin shaoghalta.

gustalach: *a.* cómhachtach, acfuinneach, maoineach. Feirmeóir gustalach níl a bhac leasughadh siopa do cheannach dá chuid talmhan: go bhfuil maoin aige. Nílim gustalach mo dhóthain chun dul ar laetheantaibh saoire ambliadhna: airgeadamhail. Ar an éadach atá air tá cuma ghustalach air: cuma air go bhfuil sé acfuinneach i maoin shaoghalta.

guth: *b.3.* an glór daonna, an glór ceólmhar. Tá mo ghuth caillte agam: nílim i ndán amhráin do ghabháil. Cloisfear a ghuth fós: labharfaidh sé agus caithfear éisteacht leis. Árduigh do ghuth: abair amach: ná bíodh aon eagla ort labhairt. Guth na n-éan ag cantain ceóil: glór. Chuala sé an ghuth ag glaodhach air, a ainm 'sa shloinne .i. mar bheadh glór

ón saoghal eile. “Agus b’fhearr liom go mbeinn nbhur láthair anois chun mo ghotha d’atharrughadh, óir táim amharasach oraibh” (Gal. IV. 20): mo ghlór cainnte. Cuir guth air: can é. Tá guth na ndaoine leis: iad go léir ar a thaobh. Labhradar d’aon ghuth: in aonfheacht. Is breágh an ghuth cinn atá aice: amhránaidheacht: ceol cantan. Cuirtear fé ghuth na ndaoine é: fé fhoillsiughadh nósach trí billeóig, árdach lámh tola, rogha nó tuairm na ndaoine. Ní chuirim mo ghuth leis mar obair: ní aontuighim leis. Guth ar bith sa chúrsa níl agam: níl aon tur ar mo thuairm.

guth: *b.2.* milleán, aithis, achmhusán, masla, aithbhirt, tathaoir, buannacht. Beidh sé ’n-a ghuith orm go lá mo bháis nár shaoras é a’s é ar mo chumas: ’n-a achmhusán. Cad é an ghuth atá agat orm-sa chun me bheith ag tóinleasughadh leat ó Luan go Satharn: buannacht: éileamh. Guth rómhór do dob eadh é gur chúl sé a’s d’ídigh sé é féin lé náire: aithis: masla cáile. Ná raibh guth ag Dia ort mar gheall air, is iomdha rud a néann duine lasmuigh dá thuigsint: milleán.

guta: *f.4.* lathach, salachar bóthair, lábán, láib, clábar, draoib, cré a’s uisce meascuighthe go mbíd righin. Guta ar fad seadh an áit: an talamh chómh bog san go raghfá ar lár ann: salachar. Guta go haltaibh orm: salachar bog righin. Tá an mhoin ’n-a guta: chómh fliuch san ná dóghfadh sí. Scríob an guta de bhun do thriubhais: an draoib: pluda. Beidh gach aon áit ’n-a ghuta tréis na báistighe seo: bog, salach.

guthghail: *b.3.* cneadghail; do labhairt go glórach nó ós árd; bladhman. An ocras atá ar an muic sin go bhfuil sí ag guthghail?: ag cneadghail: ag cur glóir aiste. Aon eagla in ao’chor ní chuireann do chuid guthghala orm-sa: bladhman: buailimsciathacht. Bíonn guthghail Éireann aige gur dhóigh leat air go ndéanfadh sé scrios, ach sin a bhfuil ann: glór a’s bagairt gan cur leis. Ar an nguthghail a bhí air budh dhóigh leat ná déanfadh aonne aon tseasamh leis an ndream go raibh sé ag tacaidheacht leó: maoidheamh. Guthghail is mó atá agat feicim rud éigin dhá dhéanamh agat: teasbánadh. Cuirfead do chuid guthghala siar ort mara n-éistighir: maoidheamh a’s bladhgar.

H

há!: *u.bh.* le hiongtas nó lé sásamh. Há! a bhuachaill, tá beartha ort. Há! theastuigh san go maith uaidh: is maith sin.

ha!: Ha! ha! adeirtear lé haon rud a shásóchadh duine, cainnt mhaith, nó lé rud a chuirfeadh iongadh ort, nó, nuair bítear ag bualadh go trom, tréis gach buille. Ha! níl aon leigheas air .i. bíodh san mar sin.

hahá!: *u.bh.* Hahá, a chladhaire, chídhim-se cad tá dhá dhéanamh agat. Hahá! sin í an chainnt go bhfuil an blas uirthe.

hainnse: *f.4.* buille trom fada. Fuaireas hainnse treasna na slinneán le téid: buille a luigh ar chuid mhaith dhíom. Is iomdha hainnse do fuair sé ar scoil dá ndeineadh sé aon mhaitheas do: smíste. Tugadh hainnse 'e bhata dhom a leag me: luigh cuid mhór de orm. Bhuail hainnse den leathlidhe orm: buille gonta. Táid ag tabhairt hainnsidhe maithe dá chéile: ag bualadh a chéile go trom.

hainnseáil: *b.3.* bualadh. Tréis na hainnseála go léir thángadar chun síothchána: smísteáil. Thugas hainnseáil don madra lé lasc an chapaill: bualadh.

haiste: *f.4.* an oscailt a bhíos in úrlár luinge chun an lasta do chur tríd. Cómhla haiste. Bíodh a haistidhe fáiscighthe i gcóir farraige.

halla: *f.1.* teach mór poiblidhe mar a mbíonn gnóth nó siamsa ar siubhal; airphortach; an phríomhsheómra i dteach mór; seómra bídh i gcoláisde etc. Halla an bhaile mhóir; halla rinnce. Croch do chasóg a's do hata sa halla: póirse: an tslighe ón ndoras isteach i dtigh.

hama: *f.4.* (*iol.* hamaidhe) na blúiridheacha cama adhmaid a luigheas le coiléar (brághad) capaill, etc., go mbíonn na tairric ceangailte dhíobh. Bhris an leath-hama: taobh aca.

hannla: *f.4.* dúirnín céachda; cos fhada. Is fada go rugais ar hannla céachda: go ndeárnais obair throm. Sín uait na hannlaidhe: na cosa fada. Is fé atá na hannlaidhe: "mórán de scoiltighthe". Ní cos atá sa sciain seo ach hannla: cos a chuirfeadh hannla céachda i gcuimhne dhuit. Nára fada go rabhair marbh a's do hannlaidhe sínte .i. i gcómhrainn. Rug sé ar hannla ar an gcaoire: ar chois léi.

hap: *i ráidhtibh* Níor bh'fhada do bhí orm feitheamh leis, tháinig sé orm ar an hap: gan mhoill. Buaileadh breóidhte de hap é: go hobann. Mara mbeifeá aireach d'osclóchadh an áit sin do shúile ar an hap duit: ar an dtoirt. Ar hap an tairnge bead chughat: go pras. Thug sé hap den maide sa cheann dom: buille mear, cruaidh. D'imthigh sé de hap: gan choinne. Tuitfidh san ar fhaobhar an bhúird, tá sé ar hap de bhiontar ann: ar barrghail tuitim.

hart: *f. n-dh.* an cárta dearg go mbíonn déanamh an chroidhe air. Hartanna an mádh agus is maith an drámh an spéarat. Raghad ar hart: déanfad mádh dhe: caithfead é mar chárta i dtosach aon datha eile. An t-aon a hart an cárta is fearr sa phaca .i. in imirt go ndeintear

an mádh mór de a's ná buadhfadh air ach cíonmhádh nó cuireata an datha a bheadh ar barra.

hath: *u.bh.* Hath amach: chun cinn (lé capall, correach, ráineach nó asal).

hata: *f.4.* clúdach cinn; bairéad; straicín. Carraig an hata: carraig go mbíonn barr anáirde uirthe i ndéanamh bairéid. Mo hata síos gur shléachtas díom: gur umhluigheas leis go módhamhail. An dóigh leat go mbead-sa ag imtheacht ag lorg ar aonne a's mo hata im láimh agam: go suarach, úiríseal. A's maig ar mo hata sall chun tighe an óil: é ar mo leathcheann. Seo chugham é a's a hata 'n-a dhorn aige: deabhadh an domhain uile air. Imthighthe gan hata gan stoca: an-bhocht. Lán hata (d'airgead) atá aige: clais: mórchuid. Ní raibh lán hata de ghaoith ann: oiread a's puth. Lán hata de cháith ní thabharfainn air .i. rud gan tairbhe é. Meas fir níl agam-sa ort, a's cuir an méid sin féd hata uaim: beir leat é, taithnigheadh leat nó ná taithnigheadh leat: cuir isteach id cheann é.

hataeridhe: *f.4.* fear déanta nó deisighthe hataidhe.

hé!: *u.bh.* fóill! stad! Hé! tair annso. Hé! fág annsan é sin: fóill!

héin: (**héinig**) féin. Mise héinig a chonnaic é. Dá mbeinn-se héin(ig) ann.

hin: sin. "Hin í an chainnt a's cuir amach mo bhean chugham": sin a bhfuil air.

hó: *u-bh.* ag tiomáint bó, beithidheach nó ag fógairt ar scata fear tarrac nó sáthadh d'aon iarracht. Hó! abhaile (a bha). Anois, i dteannta a chéile sibh, a fheara, hó!

hob: *f. n-dh.* corruighe, sáthadh, bogadh. Hob ná haeb ní fhéadfainn do bhaint as, tá sé rómhór, rómhuirearach dom: corruighe ná bogadh. Tá sé ar hob agat anois é do dhéanamh: ar a tharrac.

hólam tró: *f. n-dh.* trí chéile, achrann; tranglam; duadh. Beireann hólam tró ar an nduine sin ón saoghal: duadh a's iomard. Nuair bhí na daoine go léir bailighthe isteach sa halla chumhang ráinig hólam tró ann d'iarraidh suidheachán do bhaint amach: achrann. Hólam tró ar bith ní theastuigheann uaim sa tigh seo mara mbíonn ciúnas agaibh amach libh!: tranglam: míoshuaimhneas. Leanann hólam tró feirmeóireacht i ndrochaimsir: claoidheachtaint mhór lé hobair.

hulam halam: *f. n-dh.* gleódh, callán. Nuair braitheadh an t-airgead bailighthe chun siubhail, seadh thosnuigh an hulam halam connus imthigh sé a's cé aige, gach aonne ag cainnt in aonfheacht: gleódh gan aon fhuaimeant. Stadtar den hulam halam go mbeidh a fhios i gceart cad tá bun os cionn, ní thuigfeadh aonne an gleódh so: callán: achrann cainnte. Ar aonach seadh bhíonn an hulam halam, stoc ag géimrigh, fir ag béicigh, madraidhe ag sceamhghail, margaintidhe dhá dhéanamh go glórach: fíghreán a's tranglam.

hulla halla: *f. n-dh.* an gleódh a deintear ag tafant madra. Hulla halla aige gach maidean lé n-a mhadra i mbun na gcnoc.

húllamáboc: *f. n-dh.* gleódh a's coimheascar; gleódh fiadhaigh. Chuala an húllamáboc os mo choinn sa chnoc, is amhlaidh a bhí trí cuite ar thóir girrfhiaidh: gleódh an lucht fiadhaigh ag saighdeadh na gcon. Tá sé bailighthe leis anois bíodh húllamáboc agaibh air: gleódh a's tranglam d'iarraidh beartha air.

húm: *f. n-dh.* siolla, focal, corruighe. Ní bhfaghainn húm ná hám as an nduine céadna: focal ná corruighe. Cad tá ort? níl húm ná hám asat .i. táir an-chiúin. Ó buaileadh é níor chuir sé húm ná hám as: bhí sé marbh scun scan.

hurais!: Hurais! hurais! a deirtear lé muic ag glaodhach chun bídh uirthe etc.

hurrú: *u.bh.* éigheam nó gáir bhuaidhte nó dúbhshlána. Hurrú! tá an lá againn. Hurrú! sinne na fir díbh.

hústae: *f.4.* margáintidheacht. Ná caithimís an lá lé cheile mar gheall ar a bhfuil de dheifridheacht eadrainn, ná bíodh a thuilleadh hústae air, ach an nglacfair chúig phúint air? .i. bheith ag achrann go sprionnlaithe mar gheall ar luach ruda.

huth: (**huf**) *u.bh lé táir* Ní dubhairt sé huth ná hath nuair a fhiafruigheas de cad bhí air: faic in ao'chor. Ná bíodh huth hath ach an dtiocfair?: idir dhá chómhairle. "Huth!" ar seisean nuair loirgeas rud éigin ar iasacht air .i. chuir sé in iúil ná raibh lé fagháil agam nó go raibh sé míoshásta lém iarratas do thabhairt dom.

I

i (in): *r-fh.* isteach, ar, ag, ag baint lé, trí. Chuaidh an long i dtalamh: shroich sí. Chuaidh mo dharadha i dtalamh .i. cheangail sé ar thóin puill gur dheacair a fhuascailt. I bpearsain is i ndeallramh, taidhbhsigheann dhom maith a dhóthain d'aonne: maidir lé. In íochtar trágha gheóbhfá an grean so: ag. In uachtar cnuic is fuaire bhíonn sé: ag an áit sin. In uachtar indiugh, in íochtar ambáireach (staid): ar barr, etc. I mbás nó i mbeatha beidh clódh maith air (staid). Chuaidh an fear i bhfarraige (áit): isteach. Níl sé in aois fir fós: sroichte. I meas na ndaoine d'éirigh sé (aiste). Bheifeá i gcumas a dhéanta chómh maith lé duine dá dtugtá aire dhuit féin (aiste). Thángadar 'n-a bhfear a's 'n-a bhfear ('n-a gceann a's 'n-a gceann): ar an aiste sin. I dtosach ná i ndeireadh níor bh'aon mhaith bheith ghá chómhairleach (am) .i. aon am. Táim i ngrádh lé cailín gleóite (aiste). Bheinn i dteannta airgid mara mbeadh gur fóireadh orm. I ndeireadh dála, is cuma cá locht atá air is é is fearr aca: i dtúis na haicíde is fusa í do leigheas. In aonfheacht is fearr sinn: lé chéile. I rith na seachtmhaine bhí an cath ar siubhal: lé linn. In aon treó dhom dá mbeadh sé chídhfinn é (ionad). Cúiteamh do dhéanamh im pheacaidhibh lé Dia na glóire. Is beag an tuarasdal é scilling sa ló: ar feadh. Chuaidh an scéal go croidhe ionam. Dá mbeadh sé de mhaitheas ann thabharfadh sé cabhair uaidh. Tá nimh ionta ag an sioc. Dá mbeadh crích innte bheadh slacht ar a tigh. Im briathar mhóide mhuis, pé rud is dóigh leis sin gurb é is dóigh liom ná corróchadh. Dar i mbasa féin siad do dhaoine féin is measa dhuit: gan amhras. Im baisteadh ní fhágfad d'aonne: dar mo bhaisteadh. I nDomhnach is tú atá uainn: go fírinneach. In aisce b'fhearr leis gach aonne rud d'fhagháil. Dhein sé i ndírigheacht na riaghalach é: chomh díreach lé. Níl sé i neart fir mar ná fuil a aos aige: chómh láidir lé fear. I mbláth na hóige budh chóra dho dhuine pósadh. "Tá 'n-a lá a's níl 'n-a lá, tá 'n-a lá a's níl 'n-a mhaidin". Tá sé 'n-a bháistigh. Má tá sé it theangain labhair: bheith ábalta. Chaith sé a raibh i gcois 'si láimh leis d'iarraidh a shláinte do thabhairt do. Choidhche ní thiocfaidh ionat: ní fhásfair. Cuir i bhfaid an biadh beidh gannchúis fós i mbliadhna ann. Ag dul i luighead ataoi: luighead ag teacht ort. Ná greamuigh i mbruidhin: ná téighir innte. Táir greamuighte ionam ar feadh an lae: ghom leanamhaint go dlúth. Bead cómhpháirteach leat sa bheart más beart macánta í: ghá dhéanamh. Níor fhan a shuim in aon rud. An mbeadh dúil agat i gcáis? Ní bhead-sa freagarthach ná admhálach in aon rud a dhéanfair. Fan i mbun do chúraim: ag tabhairt aire dho. Suidh im aice, im fharradh: fan im fhiadhnaise. Cé atá i bhfeighil na háite ó shoin. I ngoill lé leathchoróin coimeádadh mo bhairéad uaim. B'fhearr liom bheith "ag caitheamh chloch i gcoinnibh na gaoithe" 'ná bheith ag obair duit. Beir i ngoire céad slat don dtigh nuair shroichfir an crosaire. "Cé hé sin?" - "táim (táthar) ann" .i. mise (sinne). Budh bhreágh agus budh mhaith an saoghal a bhí ann. Gach ball 'n-a mbím innstear é. Gach leabhar 'n-a léightear ar Dhia. Téighir mar a rabhais indé. Ist ló a's ist oidhche oibrigheann sé. Cuir do scéal i gcruinneas dom. Tá an lá ag dul i ngiorracht a's an oidhche ag dul i bhfaid. Is fada go raghaidh an cúrsa i gciúnas. I bhfios dom níl sé ann. I ngan fhios dómh-sa do deineadh é. D'éirigh sé 'n-a sheasamh i slighe a's go mbeadh breis radhairc aige ortha. I dtreó a's ná haithneófí é: ionas. "Connus tá an tsláinte agat?" – "ann as": gan bheith rómhaith nó ró-olc.

iachall: *f.1.* éigean, gábhadh, fórlanna. An domhan, 'sis mór an focal é, ní chuirfeadh d'iachall orm bogadh as so, tá fúm fanacht ann: caitheamh: a chuirfeadh dem aindeóin

me. Dá mbeadh aon iachall air ní bheadh sé chómh crosta san: smacht. Cuirfead-sa iachall ort mara stadair: cuirfead caitheamh ort fanacht socair. Cá raibh t'iachall dul ann?: an t-éigean. Cuireann an dlighe iachall ar gach aonne .i. caithtear géileadh dhi. Beidh orm bheith thar n-ais ambáireach marbh nó beó, cá ngeóbhadh an t-iachall?: dualgas m'oibre. Táir ró-aosta anois, táir ó iachall: saor chun do thola féin do dhéanamh. Ní bhíonn focal as ag baile, cá ngeobhadh iachall a mhná: smacht. Iachall ag an ndiabhal air!: cómhacht. Cuir iachall orm: féach an bhféadfá caitheamh do chur orm rud nách mian liom do dhéanamh.

iadhadh: *f.* (*-dhta*) gabhann, dúnadh, locadh. Dá mbeadh sé fé iadhadh an tighe agam ní bheadh t'eiteach agam: sa tigh in ao'chor. Fá iadhadh uaighe is truagh go luighir: in a gabhann. Níor deineadh aon iadhadh ar an dtigh: dúnadh: fágadh cuid éigin de ar oscailt. Bíodh gach aonnidh fé iadhadh agat nó árdófar chun siubhail é: fé ghlas: fé choimeád. Is olc an t-iadhadh do thugais ar do bhrógaibh: dúnadh: fáscadh.

iadhaim: *b.a. 7 n-a.* dúnaim, fáiscim, ceanglaim, fálaim, locaim, líonaim. Ná hiadhadh súil leat i rith na hoidhche ar do chluais: ná tuiteadh aon chodladh ort. Is iomdha rud a chonnaic sé dhá dhéanamh go mícheart gur iaidh sé a shúile air: nár thóg sé aon cheann de. Ní fhéadfainn teacht amach tá iadhta orm: táim fé dhaingniughadh, fé ghlas. Iaidh do bhéal go fóill, tá cuid mhór ráidhte agat, leig do dhuine eile labhairt: stad de chainnt. Iadhadh an doras ortha, ní leigfí isteach iad: dúnadh. Iadhfar an roilig .i. ní leigfear a thuilleadh d'adhlacadh innte. D'iaidh na bainnc a's ní bhfuair na daoine a gcuid airgid: stad sé de thrácht. Iaidh na puill sin sa bhád: cuir rud éigin ionta a líonfas iad. Tá gach aon áit iadhta anois toisc na deireannaighe: trácht 'n-a stad. "Ní bhfaghann lámh iadhta ach dorn dúnta" .i. fé mar tugtar seadh gheibhtear. Ní raibh neach ann a iadhfadh a shúil .i. i láthair a bháis. Nách iadhta atá an spéir: múchta: trom-scamallach. Ghaibh sé an doras iadhta amach!: an cúldoras: an doras is gnáth bheith dúnta. Ní bheadh do shúil iadhta agat faid bheadh sé ag teacht ort leis an bhfuinneamh a bhíonn fé: an fhaid do thógfadh sé duilleóga na súl do luighe ar a chéile. An rud do bhíos a innsint duit iaidh do bhéal air: coimeád 'n-a rún é. An bhfuil sé in am iadhta?: tráth dóirse do dhúnadh a's gan a thuilleadh díolta do dhéanamh. D'iadhfainn-se a shúile dho: d'atfainn iad tímcheall ortha lé buille, i slighe a's ná beadh sé i ndán feicsint leo. Ní iadhfadh an doras bhí a chos i gcoinnibh na cómhlan aige: níor bh'féidir é do dhúnadh. Ní iadhfadh an mála, bhí an oiread san ann: ní thiocfadh a bhéal lé chéile. Iadhta le feóil: an-bheathuighthe.

iadhamh: *f.1.* dúnadh, fáscadh, líonadh, locadh, ceangal. Ag iadhamh na bpoll im bhróig: ag cur éille trí gach ceann aca. Bídh-se ag cur díbh abhaile anois, tá an aimsir caithte, beam ag iadhamh: ag cur deireadh de chion na huaire seo den a thuilleadh tráchta do dhéanamh. Ag iadhamh an dorais dom: ghá dhúnadh. Aithnighim go bhfuil codladh ort, tá do shúile ag iadhamh: na duilleóga ag luighe ar a chéile. An namhaid ag iadhamh isteach orainn a's gan aon tslighe cúltha againn: ag druideam linn go dlúth 'n-ár mórdtímcheall. Is maith an t-iadhamh atá ar an ngort: fálta go maith. An spéir ag iadhamh os ár gcionn: scamaill throma ag dlúthughadh ar a chéile. Gach aon rud ag iadhamh ar an gcroidhe aige: ag déanamh buadhartha dho.

iadhtach: *a.* claon lé hiadhamh nó le líonadh. Biadh mútamhail, iadhtach é sin ná féadfá puinn de d'itheadh .i. go mbraithfeá lán uaidh ar bheagán de. Goile an-iadhtach atá aige .i. bíonn sé deacair air rud d'fhagháil. Is iadhtaighe go mór adhmad bog do chur 'on pholl 'ná adhmad chruaidh mar atfaidh sé: is mó a líonfaidh sé.

iall: *b.2.* (*iol.* –acha, -ta) géire fada caol leathair mar théigheann i mbróig nó mar bhíonn mar chuibhreach con; uaill, scata. Chonnacadar na hiallta éan ar an oileán dheóranta, go mbainidís radharc na spéarach díobh nuair téighidís sa léim: scataidhe móra. Bata éille chun bruidhne .i. go mbeadh blúire caol leathair trí pholl i gceann de. Níl agam ach leath-iall: iall amháin. Trí cinn de chuitibh ar éill aige: ar chuibhreach muiníl. Scaoileadh an chú dá héill: tugadh di cead a cos (chun fiadhaigh). Faic ní fhéadfadh sé a dhéanamh ge n-a mhnaoi, tá sé ar éill aice .i. "ceangailte dá haprún". Déanfad pé nidh is maith liom nílim ar éill ag neach: fé chuing: ar chur. Chuaidh an iall i ndiaidh a cúil aige .i. d'imthigh a bhrigh.

iallait: (**diallait**) *b.2.* suidheachán palcuighthe, déanta de leathar do mharcach ar chapall, etc., ar n-a fáscadh lé tearghad. An iallait do chur ar an gcapall mícheart: rud do chur i leith duine san éagcóir. Iad féin atá san iallait anois agus deinid a rogha rud .i. i gceannas. Capall iallaite: capall chun marcaidheachta amháin nó go mbeadh iallait a's marcach air. Capall gan srathar gan iallait do chur riamh air: gan ionramh: briseadh.

iar: *b.5.* (*iol.* –acha) "Cár ghaibhis?" do fiafruigheadh de Phiaras Firtéar, "do ghabhas an iar i ndoir i ndair indé" an freagra .i. an eas i gcoill, i gcrann daraighe (deismireacht ar aniar, anois etc.).

iarach: *b.2.* cuibhreach. Níl ceangal ná iarach annso ort .i. tá cead do chos agat. Bíonn iarach éigin ar a ghnóth do shíor: rud éigin in easnamh.

iarann: *f.1.* mianach so-chúmtha, miotalach, an-chruaidh, an-righin, arm iarainn. "Salann a's iarann dhá earra ná liathann": ná tagann snas ortha. "An t-iarann" leas-ainm do tugtar ar fhear chruaidh, fuinneamhail. Tá sé ar nós an iarainn: an-chruaidh: folláin. Chuaidh an t-iarann san iasc: an dubhán ceangailte ann. Cuirtear iarann ar mo léine: línéadach do shleamhnughadh lé hiarann te. Cuireadh in iarnaidhibh iad ar bórd luinge lé mí-iomchar: cuireadh cuibhreach iarainn ortha. Buail an t-iarann faid a's bhíonn sé te: nuair gheóbhair an t-ionnramh friotháil é. Gach aon ghéag leis chómh cruaidh le hiarann: níl teacht anuas air lé cruaidheacht. Níl fén gcapall ach droich-iarann: drochchruite. An té go mbíonn an iomad iarnaidhe sa teine aige ní fhéadann teacht ortha go léir: an iomad trághanna tairngthe aige air féin. Táim chómh righin le Caol an Iarainn: an-righin: an-dheacair do chlaoidheachtaint. Is maith a theastóchadh iarann te uaidh .i. é do loscadh lé hiarann dearg-the.

iardaighe: *b.4.* deasca. Ar an bhfliúchán a's an t-anródh atá fachta agat bí buidheach mara dtiocfaidh iardaighe an lae leat: deasca.

iargcúil: *b.2.* áit neamhphuiblidhe, cúláis. Ní fulair nó tá cómhnaidhe in iargcúil éigin air a's a rádh ná faghainn neach a threóróchadh ar a thigh me: ball éigin i bhfad as an slighe.

I mbun cnuic, in iargcúil an pharóiste gheobhair é: i dtóin. Iargcúil seadh Dún Chaoin, nách é an paróiste is sia siar in Éirinn é: imchian.

iargcúlach: *a.* támáilte, imchian, i bhfad ó láimh. Buachaill iargcúlach é, ní bheadh a fhios agat choidhche é bheith ann nó as: támáilte. Cuir in iúil tú féin, ná bí chómh hiargcúlach: scáthmhar: coimhtheach. An-obair a bhí ag an ndochtúir an cnámh do bhaint as a scórnaigh bhí sé an-iargcúlach ann: i bhfad siar innte.

iargcúlta: *a. n-dh.* imchian, scáthmhar, támáilte, cúlbhánta; siar, faiteach, neamhthoilteanach; míofhonnmhar. Ith an biadh, nách iargcúlta ataoi: míofhonnmhar chuige. Duine iargcúlta seadh é, is beag an chainnt a bhíos aige: deóranta 'n-a shlighe. Níor mhaith leis maireachtaint in áit chómh hiargcúlta san ná raibh traen ná guthadán ann: chómh fada as an slighe. Bíonn na leanbhaidhe iargcúlta i láthair an mháighistir: ciúin: scáthmhar: faiteach. Bhí sé ró-iargcúlta agat dul abhaile i mí mhairbh na hoidhche it aonar: as an slighe: mícheart. Gaibhir thar brághaid agam gan aon turus do thabhairt orm, cad n-a thaobh bheith chómh hiargcúlta?: deóranta id mheón. Bíonn sé d'iarraidh gach rud do dhéanamh go hiargcúlta: i ngan fhios do chách. Áit an-iargcúlta seadh é, níl traen ná eile ag dul ann agus is beag é siubhal daoine air: i bhfad ó láimh. Cuir in áit iargcúlta é sin go mbeidh gnóth dhe: cúláisteach: as an slighe.

iargcúltacht: *b.3.* aonaireacht, cúláisteacht, scáthmhaireacht, támáilteacht, cúlbhántacht. Iargcúltacht éigin ag baint leis ná deineadh sé suas ná anuas lé haonne: deórantacht aigne. Tréis bheith ghá lorg ar guardal fuairtheas in iargcúltacht na coille é: in uaigneas: 'n-a corplár. Lé hiargcúltacht an duine do chuaidh sé chun cómhnaidhthe chómh fada san ós na daoinibh: deórantacht aigne roim choimhdeacht. Ní fheadar in ao'chor connus thiocfair ar an áit lé hiargcúltacht, tá cnuic a's cumaracha a's gleannta rómhat: doshroichsteacht. An bhfuil a fhios agat ná go bhfuil iargcúltacht orm tabhairt fé, rud seadh e ná taithnigheann liom: scáthmhaireacht. Sin mar tá sí sin riamh, iargcúltacht ag baint léi, is beag a chídheas í agus is lugha 'ná san go labhrann leis: aonaireacht a's cúlbhántacht.

iarla: *f.4.* taoiseach, fear teidil. Budh dhóigh leat gurbh é iarla an Chúil Bháin é: fear mórtheidil. "Is minic gur fearr ingheann striapaighe 'ná mac iarla".

iarlaidheacht: *b.3.* dighnit nó ceim iarla maidir lé gach ceart a's príbhléid a ghaibheas leis; an liomatáiste fé chómhacht iarla; aiteas. Dhéanfadh sé cur chun aonnidh, péaca é bheith i ndán a dhéanta nó gan. Tá an iarlaidheacht riamh ag baint leis: aithris ar dhaoinibh dob aoirde sa tsaoghal 'ná é. Gléasann sé é féin go galánta, bíonn d'iarraidh bheith síos suas lé staigínidhibh sráide, tá an iarlaidheacht ann: an aithris bheith chómh maith lé daoinibh nách féidir leis.

iarlais: *b.2.* duine, ainmhidhe nó rud gan tairbhe, iardaighe, máchail bhuan; aon rud a néas ciocaighe fhada, nó mairtheanach; síobhra; ualach. Briseadh a chos 'sis baoghalach go mbeidh mar iarlais lé n-a shaoghal air: máchail a bhéas ag teacht leis. Cheannuigh sé iarlais bó ná faghaidh sé puinn dá barr an dá lá dhéag a's mhairfidh sé. "Iarlais mhná agam", ar seisean, "ná leigfeadh an leisce ná ceal críche dhi an t-iarann do chur ar mo

léine Dhomhnaigh." "A's iarlais fir agam-sa", ars an bhean "ná leigfeadh an leisce dho lá oibre do dhéanamh ach é 'n-a chnochaire os chionn na teineadh" .i. daoine neamhchríochnamhla gur ciotaighe d'aonne bheith ag bruic leó. Iarlais ar an dtigh seadh é, sé a néann sé a n-itheann sé: ciotaighe: ualach. Creidtí fadó go bhfuaduigheadh na daoine maithe leanbhaidhe breághtha a's go bhfagaidís breóidhteacháin bháis 'n-a n-ionad go dtugtí "iarlaisidhe" ortha: síobhraidhe. Beidh iarlais ar ghnóth an té ná féachann roimis: liobar: neamhchríochnughadh a bhéas ag cur siar air.

iarmhar: *a.* iargcúlta, i bhfad siar, scáthmhar. B'iarmhar liom an áit chun maireachtana sa gheimhridh ann, tá sé rófhada ó shiamsa a's ó dhaoinibh: i bhfad ó áit thábhachtaigh. Duine iarmhar nách mór den gcainnt do bhíonn aige ach a chúram féin do dhéanamh: maol: scáthmhar. Dá gcuireadh sé clódh air féin a's feac oibre ní bheadh sé chómh hiarmhar: chómh mór chun deireadh.

iarmhar: *f.1.* an fuighleach; fíothal; an duine donn déidheannach. Mise iarmhar na clainne, ní tháinig neach im dhiaidh: an duine is déidheannaighe a saoghaluigheadh. Beidh an chuid is mó agus is fearr agam-sa dein-se leis an iarmhar: an fuighleach: an dríodar. Meathalóiridhe beaga a chuirfeá síos id phóca iad, iarmhair an áil: fíothail. Sin é iarmhar na bliadhna san iothlainn: an méid arbhair etc. ná fuil ithte, ídighthe.

iarmharán: *f.1.* an chuid deiridh, fuighleach, duine nó ainmhidhe a bhíos fágtha. Caith chughat an t-iarmharán éisc sin i dteannta na coda eile: ceann fuighligh. Anois an-olc iad na hiarmharáin chun imeartha (troda etc.), dá mhéid seanbhlasa bhí ortha: an dream ná raibh aon dóchas asta. Friothálair i gcómhnaidhe ar gach aonne romhainne, deinir iarmharáin dinne: an dream deiridh (lé dímheas). Cath na n-iarmharán .i. na bhfear budh lugha scrothaidheacht.

iarnaidhe: *a. n-dh.* ar nós iarainn; déanta de. Clocha iarnaidhe a bhaineas fuaim inneóna nuair beifí ghá mbriseadh: lánchruaidh. Géaga iarnaidhe aige: ar nós iarainn.

iarnaidheacht: *b.3.* cruadhas an iarainn, go gcáilidheacht iarainn. Tá iarnaidheacht sa clochaibh sin: dlúthas an iarainn. Níl cnámh 'n-a chorp ná go bhfuil iarnaidheacht ann, d'fhoidhneóchadh sé é do bhualadh lé haon rud: cruadhas.

iaróg: *b.2.* máchail, cabhán, iarsma. D'fhág an t-ólachán a's an ragairne iaróg ortha, táid beó bocht, dealbh: iarsma mháchaileach. Gonadh sa chaith é a's tá iaróg lé n-a shaoghal air, tá ar leathchois: iarsma: máchail. Fan amach ón gcorreach malluighthe sin nó fágfaidh iaróg ort: cabhán: gortughadh mairthineach.

iarógach: *a.* máchaileach, iarsmach, masluightheach. Tháinig galar iarógach air, nár imthigh a's ná himtheóchaidh a rian de: iarsmach: leanfaidh a dheasca é. Iarógach an rud do churadóireacht droichshín do theacht uirthe a's í glas: díoghbhálach. Iarógach an gearán drochchroidhe: máchaileach: bascuightheach.

iarracht: *b.3.* eitim, amus, ionsaidhe, uain, turus, cuid, roinnt, buille, an méid a tabharfí in aonfheacht. "An bhfuil puinn agat?" – "iarracht": roinnt. Beidh iarrachtaidhe éisc

anocht aca ó tá an oidhche breágh: roinnteanna maith. Iarracht mhaith talmhan: cuid nár chúis gearáin é. Thug gach aonne iarracht uaidh dréir a ghustail: síntiús (airgead nó eile). Níl sé saidhbhir ach tá iarracht aige: ádhbhar: roinnt. Fuaireas iarracht treasna an leathchinn a threascair me: stiall: buille. Iarrachtaidhe troma fachta aige: taomacha. Na hiarrachtaidhe go léir a fuair sé ní fhéadfadh sé gan bheith goirtighthe: buillidhe: stiallacha. Fuaireas iarracht ar an doras do bheith agam nuair bhíodar uile ceangailte 'n-a cheile: cao. Dá bhfaghainn aon iarracht amháin eile geallaim go dtabharfainn aire dhom féin: cao: leigeant liom. Is árd-iarracht an aiste sin: dréacht maith: rud saothruighthe. D'aon iarracht dhiúg sé an ghloine .i. ní dheárna sé dhá dhigh di. Ar an gcéad iarracht níl aon chao ar bhuadhachtaint aca mar ná fuil an fearas ná na fir aca: ar an gcéad bhfeacht: sa chéad dul síos. Fuair an t-asal iarracht den mbróig: stiall: buille. Níl aon iarracht ionam .i. táim claoidhte. Iarracht leinbh níl aige: is bocht an tástáil atá ann. Bhíos ó iarracht go hiarracht gur éirigh liom: ag tásdáil airís agus airís. D'éirigh leis d'iarracht .i. in aon tásdáil amháin. Ní bhfuaireas a raibh agam air ach iarracht: síntiús. Dein iarracht: tásdáil.

iarraidh: *b.3.* (*-rata*) lorg, cuardach, mianadh, impidhe, athchuinghe, síoradh. "Ní bhfaghann an tsíor-iarraidh ach an síor-eiteach": an té a bhíos ar lorg go ró-mhinic tuirsigheann sé daoine a's éirighid as aonnidh do thabhairt do. Ní ag iarraidh mo dhéirce atáim ort, congaibh é mar an b'é an t-antar agat é: ní ar son Dé atáim ghá lorg, nách luachmhar agat é. B'fhada ar iarraidh do, i mball ná i mbearnáin níor bh'fheidir é d'fhagháil: ar cailleamhaint: amugha. Nuair bhí an cath ghá chur bhís ar iarraidh: gan bheith láithreach. D'iarraidh dul anáirde a bhíos nuair thuiteas: anáirde dob é mo thriall. Imthigh d'iarraidh aráin: ag triall air: chun a fhaghála. Fear iarrata íoca: bailightheóir íoca. Dá dtagadh an iarraidh orm-sa, bheinn in bhur bhfochair: an lorg: cuireadh, síoradh. Cuirfir ag iarraidh mo dhéirce mé má bhíonn orm bheith ag tóinleasughadh mar seo leat: bochtnóchair mé. Imthigheadh d'iarraidh an tsagairt a's an dochtúra chuige nuair bhí sé gan aithne gan úrlabhra: ag triall ortha chun teacht: cuireadh fios ortha. Téighimís ann ar cuireadh gan iarraidh: asainn féin: gan fios do chur orainn. Tá an inghean gan iarraidh fós, a's í ag dul isteach san aos anois: níor fiafruigh aonne dhi an bposfadh sí é. Thugas an oidhche gan iarraidh ag rinnce orm: gan a fhiafruighe dhíom an raghainn nó ar mhian liom. Fágaim gach aonnidh ar iarraidh táim chómh dearmhadach san: cuirim in áit éigin iad ná cuimhnighim air 'n-a dhiaidh san. Chuireas do leitir ar iarraidh, sin an fáth go bhfuil an freagra mall: in áit éigin nár aimsigheas. Beag an mhaith bheith ag iarraidh air teacht: ag síoradh air: ghá lorg air teacht. Ag iarraidh leabhair orm: ag lorg. Dein iarraidh é do thabhairt duit: loirg é: iarr air é. Bheadh iargcúltacht orm a iarraidh air toisc ná fuil an oiread san aithne agam air: a lorg: a chur in iúil go raibh sé uaim. Creid me leis ná fuil a dteanga ar iarraidh aca: go bhfuil go leór cainnte aca. Is truagh é is é an fear ar iarraidh é: ná fuil na rudaidhe a oirfeadh do aige, nó atá rófhaillightheach. Gheóbhfá ar a iarraidh é: gan ach a rádh go raibh sé uait. "Connus taoi?" – "d'iarraidh maireachtaint": ag saothar ar son na beatha. Ná bí ag iarraidh orm, bíodh rud agat féin nó bí dhá cheal: ag brath orm chun oiread do thabhairt duit a's nár cheart go mbeadh súil agat leis.

iarraim: *b.a.* loirgim, éilighim, sírim, impighim, athchuinighim, cuarduighim, tástálaim; teastuigheann uaim; mianuighim. Droichmhianach ceart é sin, níl uaidh ach "iarraim cúis" (ort) .i. deineann a dhícheall cúis gan adhbhar do dhéanamh de. Is slachtmhar atá an tigh sin tógtha aige, cá "iarrfadh 'n-a dhiaidh é" .i. cé hé d'fhéadfadh a dhéanamh níos

fearr. In ainm Dia iarraim ort ciall do bheith agat: athchuinighim ort. Féach mar tá a bhotún déanta aige, a's cé iarrfadh ciall 'n-a dhiaidh: má bheifeá ag lorg céille ar aonne nách chuige do raghfá. Cad iarrfair ar lá oibre orm? .i. cad é an tuarasdal a bheadh uait? D'iarras ó Dhia air síothcháin do bheith leis: ar son Dé. Iarr do leas ar Dhia na glóire: impidh ar Dhia: guidh chuige í do bhronnadh ort. Dá n-iarrfainn gheóbhainn: dá loirgfinn. Mara n-iarrfair ní bhfaghair: mara gcuirir in iúil go bhfuil rud éigin uait. Cad iarrais ar an dtigh?: cad é an tsuim airgid a éilighis air? Mise an duine ná hiarrfaidh aon tafant: nách gábhadh bheith ag tabhairt cuireadh dhom.

iarrata: (**iarrta**) *a.r.* loirgthe, éilighthe. Is minic iarrata í: a fiafruigheadh di an bpósfadh sí. Raghainn in aonfheacht leat agus fáilte mhór mara mbeadh me bheith iarrata cheana: fiafruighthe in áit eile. An bhfuil do chapall iarrata ag aonne ort?: an bhfuil a iasacht curtha in iúil ort? Dachad uair tá san iarrata eitighthe: a fhagháil loirgthe. Níl bean sa dúthaigh is iarrata 'ná í .i. go bhfuil an oiread fear ag éileamh a pósadh.

iarratach: *a.* loirgtheach, déirceach, síorthach, impidheach. In aghaidh an lae bíonn rud éigin uaidh, mac iarratach seadh é: síorthach. Chuireas leitir iarratach chúcha ag iarraidh ortha cabhair do thabhairt dom mar go rabhas go mór 'n-a gábhadh: leitir 'n-a raibh aisce dhá lorg agam. Aonne go mbíonn aonnidh i dtreis leis scríobhann amach ar a son, tá sé an-iarratach ar an gcuma san: tugtha do bheith ag éileamh comaoinidhe. Ó cheann ceann na seachtmhaine bíonn sé iarratach tímcheall tobac orm: ag síorlorg.

iarratach: *f.1.* lorgthóir, éilightheóir. Cuir fiche iarratach isteach ar an ionad: éilightheóir: daoine a bhí ar thóir na bearta do ghreamughadh dhóibh féin. Bíonn thiar ar an iarratach an té a théidheas ag lorg ar cáirde is móide go mbíonn a sholathár in aistear. Ná beadh rud agat ded chuid féin a's gan bheith it iarratach an uile lá: duine a bhíos ag lorg rudaidhe in aisce nó ar cáirde.

iarratas: *f.1.* lorg, (do) lorg, athchuinghe, síoradh, impidhe, éileamh. An bhfuairis t'iarratas?: an rud a bhí uait. Cuireas isteach m'iarratas ar mhírdhéirc: m'éileamh: an lorgaireacht. Sin fuirm iarratais agat líon í: páipear go mbíonn ceisteanna air lé freagairt i dtaobh an nidh gur mian lé duine a ghnóthughadh. An uile lá bíonn sé san iarratas orm, táim cráidhte aige: ag lorg aiste, comaoin, cáirde. Ní ghaibheann an oiread lucht iarratais an bóthar a's ghaibheadh: bacaigh: lucht míre. Ar thugais an t-iarratas don sagart?: a shraith: an méid d'éiligh sé. Sasana go dian in iarratas cabharta: ar lorg go truaighmhéileach.

iarrthóir: *f.3.* duine a loirgeas nó a thógas ar cáirde, impidhtheóir. Ní allus ná náire a thiocfaidh air, iarrthóir maith é: duine a loirgeóchadh aonnidh ar aonne. Peacach bocht, truaigh im iarrthóir umhal id láthair, a Dhia: éilightheóir maitheamhnachais. Má tá rud lé fagháil fé chloich in aon áit beidh sé aige siúd, iarrthóir maith righin seadh é: loirgtheóir. Caithfead sibh d'eiteach, is oth liom é, bíonn an iomad iarrthóiridhe ag déanamh orm: éilightheóiridhe cáirde.

iarsma: *f.4.* toradh, deasca, iardaighe, rian, oidhreacht, iarlais, ualach; fuighleach, aisce Nuadh-Bhliadhna. "Fógraim iarsma ort" – "fógraim an tOileán Tiar ort": iarraim aisce

(tabharthas) ort – bíodh an tOileán Tiar (an Blascaod Mór) agat. “Is fada í iarsma na droichbhirte agus imthigheann an mhaith leis an uaigh” .i. dearmhadar ár maitheasaidhe ach cuimhnightear ar ár ndroichbheartaibh. Fágfaidh an t-ólachán iarsma ort mara dtréigir é .i. beidh a rian air: goillfidh sé go holc air. Tá iarsmaidhe an tuitim a fuair sé fiche bliadhain ó shoin ag teacht fós leis, a chos ’sa shrón briste: deasca: iar-ghoilleamhaint. Is beag an iarsma orm-sa an méid sin do dhéanamh duit: is beag an duadh orm. Cheannuighis iarsma an lá cheannuighis an gluaisteán san ná gluaiseann ach uair má seach: earra nách mór an subháilceas do bhainfir as. Go gcuiridh Dia droich-iarsmaidhe na bliadhna tharat .i. go dtugaidh saor ó gach iomard thu. Imtheóchaidh iarsmaidhe na breóidhteachta san i ndiaidh a chéile: deasca.

iarsmach: *a.* goilleamhnach, muirearach, brácamhail, cimiarach. Breóidhteacht iarsmach seadh an fliú, ní tháinig riamh ná go bhfágfadh ceasnaidhe ’n-a dhiaidh: goilleamhnach: go mbeadh a deasca ag teacht lé duine i bhfad tréis. Má fágadh talamh mar oidhreacht aige dob é sin an talamh iarsmach, mórán fiach ghá leanamhaint: muirearach, ualach air. Is fíor gur truagh, agus is truagh gur fíor, go bhfuair an Fhrainnc stiall iarsmach go luath sa chogadh: buille d’fhág cimiar uirthe. Fágadh an bhaintreabhach go hiarsmach lé lán tighe de chloinn: fé bhráca.

iarta: *f.4.* fic **adharta**

iarthaobh: *f.1.* deireadh, an taobh thall. Tair ar m’iarthaoibh: laistiar díom. Gheóbhair an galán go bhfuil an ogham air ar iarthaoibh an chnuic lastall de.

iarthar: *f.1.* an treó thiar, an chuid is sia siar nó is iargcúlta, cúl. Ná bí ag cainnt i dtaobh daoine bhí an t-iarthar mórchuid. Dá mbeadh an t-iarthar ’n-a sheilbh ní bheadh sé sásta gan an t-oirthear do bheith aige .i. seilbh mhór. Áit iarthair seadh é, níl traen, ná carbad na post ag teacht ann: i bhfad ó thriall (daoine). Druid isteach in iarthar an phuill uaim ón sín: an tón: an chuid is sia ón mbéal. Muinntir an iarthair .i. a chómhnuigheas sa taobh san de cheanntar. Ó iarthar an Daingin me: ar an dtaobh thiar den mbaile dhom. Iompuigh chugham go scuabaim thu, tá t’iarthar go léir salach: do dhrom, do thóin. Ó thuaidh atá iarthar an tighe: cúl.

iarthach: *a.* ar an dtaobh thiar, iargcúlta. Nár bh’aindeis an áit go mbíodh daoine ’n-a gcómhnaidhe, sa chúil iarthaigh: ar chúl leirge i mbun cnuic.

iarthach: *f.1.* iasacht. Ní bhfaghainn uaidh ar iarthach ná ar árthach é: ar iasacht ná ar a mhalairt do thabhairt do. Ar iarthach ná ar árthach ní scarfadh sé leis .i. b’fhearr leis scaramhaint leis an anam.

iartharach: *a.* ag baint leis an dtreó thiar; iargcúlta, chun deireadh. Ceaca oileán is iartharaighe?: is sia siar. Táir an-iartharach ar scoil ambliadhna is oth liom, bhís an-fhaillightheach: laistiar, ar gcúl na coda eile. Ná bí chómh hiartharach san a’s gan focal do bheith asat, labhair amach: chómh neamhcharráisteamhail: támáilte.

iartharach: *f.1.* duine a chómhnuigheas san iarthar nó gurb as do. Sinne, iartharaigh, ní bhíonn aon mheas fén dtír soir orainn: is iartharach leó sinn.

iasacht: *b.3.* aon rud a tugtar do dhuine eile seal chun a áise, suim airgid do tugtar ar áis, nó gan sochar, nó ús d'iarraidh as; malairt. Dá dtugainn duitse chun t'áise an capall so, cad dhéanfainn féin, níl a iasacht agam: capall 'n-a ionad: a mhalairt. Thógas céad púnt ar iasacht sa bhannc ar chúig phúint úsa fén gcéad: fuaireas an tsuim sin ar feadh tamaill chun m'áise. Ní bheadh sé ceart agam iasacht na hiasachta do thabhairt uaim: an nidh atá fachta agam chun m'áise do thabhairt mar áis do dhuine eile. Ní chun a hiasachta an bád so: ní bhfaghaidh neach a háis. "Is é an té ná maireann ná baineann an t-iasacht as" .i. faid mhairfeam a's go mbíonn cao againn ar aoibhneas do bhaint as an saoghal deinimís sin. Iasacht airgid, leabhair etc. Tugtar aire don sláinte, ní bhfaightear a hiasacht .i. ní bhfaightear í ar í d'iarraidh.

iasachta: *a.* tugtha seal chun áise, deóranta, coimhtheach. Treibh iasachta iad san san áit seo, ní fada in ao'chor atáid ann: deóranta: ní de dhaoinibh an cheanntair iad. Thug sé fé ndeara beithidheach iasachta ameasc a chuid stuic: ceann nár leis féin. Tabhair focal den gcainnt dúinn ach go háirighthe, ná bí id dhuirc iasachta leat féin mar sin: coimhtheach, neamhchainnteach. Nuair bhíonn duine in áit iasachta is furaiste a chur amugha: ná bíonn eólas air aige. Ceap do shuaimhneas i dtigh iasachta: tigh a bhaineas lé duine eile. Ní thuigim in ao'chor é, aithne mhaith againn ar a chéile a's me chómh hiasachta aige a's ná labharfadh sé liom: deóranta: é neamhmhuinnteardha liom. Níl neach iasachta do súd, raghadh sé chun cainnte lé haonne: tighearnamhail. Sin stampa iasachta ar an leitir sin: stampa lé tír éigin thar lear.

iasachtach: *a.* ag baint le hiasacht; tugtha d'iasacht, deóranta. Ní dhéanfá ar dhuine iasachtach é a rádh go ndéanfá ar do dhuine féin é: an té ná beadh aithne agat air nó nár bhain leat ná léd dhúthaigh. Níor mhaith liom glacadh leis toisc gur rud iasachtach é: a bhí ar iasacht. Is mairg don nduine iasachtach an té a bhíos ag lorg áise rudaidhe. An cluiche iasachtach san ní fhéadfainn a imirt choidhche: nách eól dom.

iasachtaidhe: *f.4.* duine a thugas earra ar cáirde nó chun a háise; duine go bhfuil fiacha amuigh aige. "Is sia cuimhne an iasachtaidhe 'ná cuimhne an fhéichimh" .i. dhearmhadfadh fear a fhiacha d'íoc, ach ní dhearmhadfadh an té go mbeidís ag dul chuige.

iasc: *f.1.* ainmhidhe fleascdhromach a mhaireas san uisce, gainidhe a's clipidhe de ghnáth air, a's fuil fhuar ann. Iasc úr, guirt (salann air), leasuighthe (coimeádta ó lobhadh). Ag déanamh iasc de dhuine a's feóil de dhuine: ag tabhairt tosach, ceannúireacht, ceannsacht do dhuine seachas duine. I ndraip mar bheadh iasc ar dhubhán: greamuighthe. Iasc méirneála (bairrghise): iasc a tógtar nuair bhíonn teine ghealáin san uisce. Níl aon bhreith (dul suas) ar iasc indiugh: fonn air greamughadh. "Bíonn dhá cheann ar an iasc": is gnáthach go gcuirtear dhá oiread leis an méid cinnte a marbhuightear de. "Tá iasc sa bhfarraige chómh maith a's gabhadh riamh" .i. má caillteár cao ní hé deireadh é. "Agus adubhradar san leis, níl againn annso acht chúig aráin agus dhá iasc" (Matha XIV. 17): dhá bhreac. Iasc glas .i. iasc a tógtar as an bpicil chun ná buidheóchadh sé. "Amadán

seadh an t-iasc" .i. ná tugann fé ndeara an dubhán i bhfolach sa bhaoite. Níl iasc ná úsc aca: níl faic aca tréis a n-aimsire ag iascach. Gaoth aniar bíonn sí fial a's cuireann sí iasc i líontaibh. "Mairbh an t-iac nuair gheobhair é". Ní hí gcómhnaidhe bhíonn breith ar iasc, nuair bhíonn, sin é am a fhriotháilt. "A's éiscínidhe 'n-a gcéadtaibh ag preabarnaigh sa líon": mórán éisc mion. Iasc mion .i. scadán, maircréil, deargáin, etc. Iasc garbh .i. langaidhe, colamóiridhe, pollóga, etc. Iasc 'n-a bhréan-bhróin: oiread a's ná beadh ceannach no ionnramháil air. Iasc ar barra: in uachtar uisce. Iasc slaite .i. a marbhuightear lé slait. Iasc spiléir, lín etc.

iascach: *f.1.* do bhreith ar iasc; an ghairm. "Gach ceárd mar mheathann téigheann ag iascach" .i. is í díg na gceárd í. "Ag iascach ghabhar ar pholl gan deallramh", deirtear lé duine go mbíonn droichfhearas aige nó drochdhóigh áite. Árduigh leat tu féin ní haon mhaith dhuit bheith ag iascach annso .i. ag tnúth lé rud éigin d'fhagháil. Dubhán, líon iascaigh. Thug sé seal maith ag iascach 'n-a phócaidhibh sara bhfuair sé oiread a's pingin: ag cuardach. Is beag iascach a deintear annso anois mar ná fuil aon mhargadh dho: iarrachtaidhe beartha air. An bhfuil an oidhche chun iascaigh: oireamhnach chun dul ar lorg éisc. Níl iascach ná úscach ar siubhal aca: ag lorg éisc ná ag leaghadh ae an éisc. Bíonn trollairidhe Shasana ag iascach na háite sin: ag lorg éisc ann. Níor bh'fhearr rud déanfí ná fanacht sa bhaile, níl aon ionbhaidh iascaigh ann: an tráth taoide go mbíonn éirghe ar iasc nó fonn beartha. Ar abhainn nó ar loch an t-am den ló.

iascaim: *b.a. 7 n-a.* loirgim iasc, beirim ar iasc. Cár iascais an brádán?: cá rugais air? Iasc an abha ó n-a cheann ceann: loirg iasc innte. Iasc aníos ó thóin na drabhlaighe an ghalbhan: loirg go cúramach í.

iascaire: *f.4.* duine a ghníos iascach, a bheireas ar iasc. "Iascaire an aon bhric" deirtear lé hiascaire ná bíonn puinn aige nó lé droichiascaire. "Go dtugaidh Dia saor na hiascairidhe" (guidhe choitcheann). D'aithneófá an t-iascaire ar a fhearas .i. más iascaire maith beidh fearas maith .i. an té go mbíonn fonn soláthair air bíonn gléas ceart oireamhnach aige chuige.

iascaireacht: *b.3.* gairm iascaire; do ghabháil éisc. "Ag iascaireacht" a tháinighis annso ar na ceisteanna atá ort: ar lorg eólais.

iascamhail: *a.* go mórán éisc, furaiste d'iascach nó a gheóbhadh iasc. Daradha iascamhail é sin: ceann maith chun beartha. Bannc iascamhail ar an aithbhe: bíonn ionbhaidh mhaith ann ar an dtaoide sin. Cuan iascamhail gurb annamh a leigfeadh follamh duine: mar a mbíonn iasc go flúirseach. Maidean iascamhail: iasc go flúirseach tréis na hoidhche.

iascán: *f.1.* iasc sliogánach a faightear i mbéal áthaibh mar a dtagann an sáile; cineál eile (mion) a fhásas ar charraigeachaibh a's a cuirtear amach mar leasughadh.

ibh: (**íbh**) *b.2.* ól fada. Ag ibh mar bhí tart diabhail air: deocha móra fada dhá thógaint aige. Ag ibh na gcárt: ag ól go flúirseach: an iomad.

ibhim: (**íbhim**) *b.a. 7 n-a.* ólaim i mbolgamaibh móra, troma. D'ibh an duine breóidhte a dheoch: bhain bolgam ar bolgam aiste. D'ól an fear tairtmhar a dheoch: bhain sé slogóga maithe aiste, ach d'ibh an póitire í: dhiúg sé í. Ná hibh é sin nó déanfaidh do dhíth: ná hól go tóin d'aon iarracht.

íc: *b.2.* leigheas, do leigheas. Galar gan íc é: ná fuil aon leigheas air.

íde: *b.4.* dán, bás, deireadh, stáid, aiste, ceann. Féach an íde atá ort gen sín: an aiste, an dáil. Mara mbeadh go bhfuair an t-éadach san droich-íde is fada fós do mhairfeadh sé: droichcheann, droichdhéanamh. Thug sé íde na muc a's na madraidhe orm lé n-a theangain: cainnt gharbh, árd, easonórach. An íde a fhágadar 'n-a ndiaidh air: droch-aiste mar beifí tréis a bhuailte go mór. Íde Chlainne Mhóire do sheól an cath fé dhraoidheacht: an chrích (olc) a thárlaidh dóibh. Budh ghránda an íde báis d'imthigh air é do thuiteam le faill: an saghas. Cad í an íde d'imthigh sa deireadh ortha?: an chrích. Níl baoghal ná gur galánta an íde ar do chuid airgid é do chaitheamh ar ól: an caitheamh. Droch-íde ort!: droichchrích: ná raibh aon deireadh cóir ar do bheatha. Is gránda an íde a thug sé dot anam nuair d'fhógair sé don ndiabhal thu: an chrích budh mhian leis duit. Thug sé íde bhéil dom: ní raibh drochainm fén spéir nár thug sé orm: cainnt easmuilteach a's mionnaidhe móra léi. Níor mhaith liom aon droich-íde d'imtheacht ar do chuid airgid: é do chaitheamh ar dhroichshlighe.

ídeach: *f.1.* milleadh, caitheamh, roilleach, áis. Is mór an t-ídeach atá ar bhiadh sa tigh seo, ithtear oiread lé dhá thigh ann: caitheamh. Bhí an oiread aige dhe dá mhéid do chaith sé dhe gur dhóigh leat ná deaghaidh aon ídeach air: luigheadughadh. Tugaidh aire anois do ná himthigheadh aon phioc de fé ídeach: 'n-a roilleach: gan áis do bhaint as. An t-ídeach go léir a's gan aon déanamh: an caitheamh a's gan faic do chur 'n-a ionad. Ith i gceart an t-arán, táir ghá ídeach: ghá chaitheamh 'n-a roilleach. Dein deifir ní bheidh aon am lé hídeach agat: lé caitheamh gan gnóth de. Tá airgead lé hídeach aige: níl caitheamh 'n-a roilleach: ar ghnóth gan chúram.

ídighim: *b.a.* caithim (an t-iomlán); déinim roilleach de; críochnuighim, millim, cuirim deireadh le. Ídigheadh an salann ar fad ar an iasc: cuireadh é go léir air. An méid nár ídigheadh den arán airéir ídigheadh ar maidin é: nár baineadh áis as: nár hitheadh. Cad air gur ídighis do chuid airgid ná fuil pingin anois agat?: chaithis é. Ídigh leis anois ó chuiris chuige in ao'chor: críochnuigh leis: ná fág pioc de id dhiaidh. D'ídigh sé leis féin – chaith sé féin lé faill: mhairbh sé é féin.

ídighthe: *a.r.* ithte, caithte, úsáidte, críochnuighthe, deireadh leis. Mara chéile dhuit é bheith n-a mhairg ort anois nó gan a bheith – tá ídighthe agat leis: críochnuighthe (go holc). Tá sé ídighthe aca ó mhaidean indiugh: curtha chun báis. Is mór an lucht ídighthe iad .i. caithid gan coigilt d'aon rud. Tá mo neart ar fad ídighthe: caithte. A raibh d'íle sa lóchrann ídighthe: caithfear an líonadh do chur in ionad an fhollamhuighthe: "úsáidte".

idir: *r.fh.* ins an eaga nó slighe a dheighleas dhá rud nó dhá thráth; ameasc; foillsiughadh dealuighthe nó comórtais, i gcómhacht; maidir lé beirt nó breis a's a gcion aca de rud; cómhar. Idir seo agus Domhnach: am éigin roim Dhomhnach. Tógtar an tigh idir an cnoc

agus an abha: san achar slighe sin. Shiubhlas idir dhá shraith saighdiúiridhe .i. i rith gluaiseachta. Idir amaibh bíonn sé ag scríobh .i. nuair gheibheann cao air. Bíodh so eadrainn féin anois, focal ná labhair lé neach air: againne amháin bíodh an fios so. Socruighidh eadraibh é .i. gan teasardhain ó chách. Budh mhór an grádh a bhí eatartha .i. ag cur comhgais in iúil. Níl faic eadrainn, táimíd an-mhuinnteardha .i. easaontas. Scoiltighidh an deifridheacht óir ná fuil eadraibh ach púnt: cúis míréidhtigh. Dá mbeinn ag léigheamh choidhche air, ní fheadar ceaca is fearr ná is measa, eatartha féin atá sé .i. duine aca ag breith bráighe ar an nduine eile. Táim (i gcás) idir dhá chómhairle cad dhéanfad: is deacair dom m'aigne do shocrughadh ar cad dhéanfainn. A Dhia, is leat me idir chorp a's anam: iad araon. Idir fhear a's mhnaoi níor mhaith liom iad .i. trí chéile. Bíodh sé idir reamhar a's thanaidhe agat: mar tá sé ann. A bhfuil idir mise agus tusa de shlighe a bhí ann. Achar a bhfuil idir mise agus tusa ní gábhadh do neach a cheann do chur ann: an méid deifridheachta nó neamhthuigsint. Idir so súd bhí dhá chéad púnt aige: i dteannta a chéile. Bíodh an tigh agat idir throscán a's uile .i. agus: um. Scriosadh me idir chirt a's chroiceann: níor fágadh faic agam. "Connus tá do shláinte?" – "idir eatartha" .i. ann as. Idir me a's an bás níl blúire bídh .i. chun me do chongbháil uaidh. A raibh aige d'imthigh sé idir a ladharachaibh .i. caitheadh go hait é. Cabharfad leat indiugh níl faic idir lámhaibh agam féin .i. dhá dhéanamh. Fuaireas an t-urchar go dóighthe idir an dá shúil: sa dá shúil. Tháinig fuacht orm idir fheóil a's leathair: fén gcroiceann. Idir mo ghaoltaibh níl duine is fearr: ar a measc. Táim idir lámhaibh aige agus ní fhéadfainn me féin do bhogadh uaidh .i. 'n-a chómhacht. Idir mhagadh a's dháiríre innis an fhírinne .i. péaca magadh nó eile é. Idir chéill a's mheisce dho ní ídigheann sé a chuid airgid .i. a rogha aige do bheith ar aon aiste aca. Is beannuighthe thu idir mhnáibh: ameasc. Idir rith a's rás do do theip air .i. d'aimhdheóin feabhasa a iarrachta. Dá bhfanainn sa tigh bhí a fhios agam gur bh'é mo dhán me do dhóghadh, dá léiminn tríd an bhfuinneóig bhí a fhios agam go marbhóchadh an tuiteam me, mar sin bhíos idir dhá theine Lae Bhealtaine: i dteannta ceart. Tá an taoide anois idir a lag 'sa lom .i. nuair ná bíonn sí ag trághadh ná ag líonadh. Roinn idir chómharsanaibh é: ar. Lé seachtmhain tá sé eadrainne go mbeidh dlighe aca: 'n-a ráfla. Ar a fhaid agus a dháiríre atáid ag cainnt lé chéile tá rud éigin eatartha .i. rud éigin ar bun aca. An bhfuil aon obair eadraibh an aimsir seo?: ar siubhal. An t-airgead atá idir me agus é .i. i gceist. Cad é an t-airgead atá idir thu agus an luach?: ag tastáil uait. A dhath idir bhán is dhubh: leathach.

ídiughadh: *f.* (*-ighthe*) caitheamh, críochnughadh; básughadh; milleadh; drochdhán. Is gránda neamhdhaonnamhail an t-ídiughadh ar pheacach é do mharbhughadh go toilteanach: an chrích do chur air. Dá mb'í an chloch féin í téigheann ídiughadh uirthe gen uisce: caitheamh: smiotadh. Mara mbeadh cosc do chur in am leis ní bheadh faic sa sparán gan ídiughadh aige: gan caitheamh go hait. Tairng as, níl puinn ídighthe dulta fós air: puinn de úsáidte.

ifreann: *f.1.* áit nó aiste duaidhnéise don ndroing urchóidigh tréis bháis. Dá mbeadh ifreann sa doras iadhta ní scannróchadh sé é .i. ceanndáine: misneamhail. Síos go fíor-íochtar ifrinn fógraim thu: danaid a's duaidhnéis dot anam. Ar dháil ifrinn táid anois i dtaobh a dtrom-pheacaidhe: ar shluagh na ndaoine go bhfuil a n-anam caillte thar fóir. Agus a rádh go dtáinig sé as an ngéibheann san thiocfadh sé as ifreann (theine) .i. as aon áit dá olcas. Ifreann a stáitse ar an bhfuadar atá fé: raghaidh ann. Ar an ndeabhadh a bhí

air budh dhóigh leat gur b'í teine ifrinn a bhí leis .i. rud éigin géibhinneach nó broideamhail ghá bhrostughadh.

ilchleasach: *a.* go mórán cleas. Fear ilchleasach a bhí ar an rás a's sluaighte ag féachaint air 'sa mbéal ar leathadh .i. a bhí i ndán mórchuid chleas do dhéanamh.

íle: *b.4.* susmaid smearthac iomlasta. An talamh ná bíonn an íle cheart ann ní thugann sé cruithneacht: an mianach ceart cré. Bhain an bháisteach go léir an íle as an móin .i. an mian lasta. An dóigh leat ná go bhfuil íle a dhóthain fén mbarránach: braon maith dighe mhearbhaill caithte aige. Níl an maircréal i saosúr fós mar sin, níl an íle cheart ann: sughlach. Tá íle do leathar ann ná leigfeadh do an t-uisce do tharrac .i. susmaid smearthach. Ná bí ag cuimilt íle dhíom-sa .i. ná bí ag imirt plámáis orm dod thairbhe. Íle róin: an sughlach (úsc) leachtach a gheibhtear as an iasc do leaghadh.

íleamhail: *a.* go n-íle. Iasc íleamhail an maircréal .i. tagann mórán smearaidh nó sughlaigh as. Móin íleamhail a lasas gan mhoill: sughlach ionlasta innte.

ílighim: *b.a.* cuirim íle nó smearadh nó úsc fé. Íligh an taobh istigh má tá tart ort: caith deoch a spionnfaidh thu. Ní raibh pioc den inneall ná go raibh giascán garbh aige go dtí gur hílígheadh é: gur cuireadh smearadh fé.

ím: (**im**) *f.* (*-e*) toradh smearach a gheibhtear ó uachtar trí shuathadh. Cuma chómh saonta, neamhurchóideach san ar an gcladhaire gur dhóigh leat air ná leighfeadh an t-ím 'n-a bhéal .i. neamhdhíoghbhálach. An talamh chómh saidhbhir sin ann dá siubhaltá go moch ar maidin é go mbeadh sochar íme ar do bhrógaibh: drúcht buidhe a cheanglóchadh díobh. Is fada ó ím sinn: níor éirigh lé n-ár n-iarracht fós. Meall íme: cnapán. "An méid sin íme leis an méid sin aráin" .i. nuair tómhaistear go lom é i gcóir an bhúird. Ní raibh de mhoill air ach bheadh ar mheall íme i mbéal con .i. a imtheacht go grod. Tá a chuid íme déanta .i. tá sé in ionad shochrach. Cuir an t-ím fé: meall lé plámás é.

imchéine: *4.* i bhfad ó bhaile nó siar. Ní féidir dul amach ar cathain a tógadh na púicínidhe seo lé n-a n-imchéine: aos mór, fada. Imchéine na tíre an chosaint is fearr aice ar a namhaid .i. a faid uaithe. Nách orm-sa atá an ceann olc choidhche ní bhéarfainn liom anois é, tá é imthighthe in imchéine orm: as mo chuimhne. Is iomdha mac a's inghean áluinn dár gcineadh treascartha in imchéine i bhfad ó bhaile ó n-a dtír dúthchais. Imchéine ag baint leis gur deacair a mhuinnteardhas do dhéanamh: iargcúltacht: seachantacht.

imchian: *a.* i bhfad (am nó achar), iargcúlta. Cathair imchian as so seadh Áth Cliath, tógann sé an lá go léir dul ann: i bhfad ó bhaile. Níl sé chómh himchian in ao'chor ó bhí an caisleán 'n-a sheasamh budh chuimhin lém shinseanathair .i. an oiread mór bliadhan.

imchian: *b.2.* seal, achar fada. Tá an t-imchian go léir ó tógadh an caisleán san, níl aon chunntas air: aimsir fhada, fhada. Níl an t-imchian san ar fad as so go dtí é, tímcheall céad míle: an fhaid mhór slighe. Tor madra níl agam ar a dhícheall, táim in imchian uaidh: rófhada uaidh chun teacht orm. D'imthigh mo mhuinntir uile in imigcéin fadó

riamh ó shin, a's ní heol cad é an áit de cheithre chúinnidhibh an domhain go bhfuilid: i bhfad 'si bhfad ón ndúthaigh seo. Mhairbh an imigcéin daoine: na sluaighte.

imchreachadh: *f.* (*-ctha*) léirscrios, bánughadh. Imchreachadh gem chlainn dhá dhéanamh orm lé héadaighibh daora do choimeád ortha .i. ídeach trom ar mo chuid. An cogadh so ag imchreachadh na ndúthaighe atá ghá chur, na milliúin milliúin dhá chaitheamh in aghaidh an lae aca air: scrios trom ar a maoin.

imdheargadh: *f.* (*-gtha*) do ghríosadh, do ghreannughadh, do cháineadh. Is fada dhuit ghom imdheargadh, ag casadh gach aon rud is measa 'ná a chéile liom, cé fhoidhneóchadh leat?: ghom chorruighe chun feirge. Sar ar thosnuigh an cogadh so do bhí na tíortha atá i dtreis ag imdheargadh ar a chéile: ag spochaireacht: ag achmhusán ar a chéile. Ní mór go léir an t-imdheargadh a iarrfadh sé nuair lasfadh sé chughat: an griogadh: an iarracht chun curtha as do.

imdheargaim: *b.a.* gríosaim, griogaim, cáinim. Fear, bean ná leanbh níor imdhearg sé riamh .i. ní dubhairt oiread a's focal leó a chorróchadh chun feirge é. D'imdhearg sé a raibh ar an mbaile, ná feaca sé riamh dream budh sprionnlaithe ná budh neamhghaedhealaighe 'ná iad: cháin sé iad.

iméad: *f.3.* éad mór. Leis an iméad atá ghá itheadh níor mhaith leis bail a bheith ar aonne ach air féin: faitchíos tinneasach.

iméadmhar: *a.* an-éadmhar. Chómh himéadmhar le bail dhuine eile gur bh'fhearr leis i bhfíor-íochtar ifrinn a chómharsa 'ná a chlos go raibh ag éirghe leis. Iméadmhar lé n-a mhnaoi: eagla a dhíshealbhuighthe 'n-a cion.

imeagla: *f.4.* eagla uathbhásach, uamhan. Tháinig imeagla m'anama orm nuair chonnac an uain mhór ag déanamh ar mo bháidín, deimhnightheach go mbáthfadh me: scannradh mo chroidhe. Leis an imeagla ní thuiteann néal chodlata ortha sa catharachaibh atá dhá ionsaidhe ón aer: uamhan. Níor scar imeagla na farraige leis ón uair úd dob fhóbair go mbáidhfí é: scannradh saoghalta bheith uirthe.

imeaglach: *a.* an-scáinteach, scannramhail; scannruightheach, anbhuanach. Is imeaglach an rud bheith in aon tigh lé fear buile a's arm aige: scannruightheach. Ainmhidhe imeaglach leómhan .i. a chuirfeadh an croidhe ar crith ionat. Bíonn sé imeaglach amuigh ist oidhche roim phúcaidhibh a's spirideannaibh: bíonn sé i mbaoghal mór dar leis. B'imeaglach an dream iad ag teicheadh ó chathair Pheárais roim theacht na nGearmánach: scannruighthe 'n-a mbeathaidhibh.

imeall: *f.1.* teóra, bruach, scéimh, gruadh, ciumhais, iadhadh. Tháinig sé in imeall a raibh aige: chaith sé é siar go hearball tímcheall. Tair in imeall an aráin a's ná lait é .i. 'n-a chiumhais a's gearraidh i gceart é. Óir ná fuil aon tsnámh aige gur fiú trácht air, ní raghadh sé thar imeall an uisce .i. an áit go mbuaileann ar an dtráigh. Tá earra ar imeallaibh a bhéil: tímcheall ceasa a bhéil. Cuir in imeall a chéile na leabhartha san: go riartha: in órd. Sheasaimh sé rófhada amach ar imeall an locha a's thuit isteach innte: ar

bruach. Fan ó imeall an bhóthair nó raghair ’on díg: gruadh. Lean leat suas ar an imeall san: taobh: cliathán. Bhíos im sheasamh ar imeall an tsluaigh .i. ar an dtaobh amuigh. Tóg na hubhla as a n-imeall: as an dtaobh amuigh, gan sáthadh isteach ’n-a lár. Scaoileadh urchar fé n-a n-imeall: feadh a dtaoibhe. In imeall na drochaimsire táimíd: ’n-a tosach .i. is cosamhail go dtiocfaidh a thuilleadh dhi fós. Ní mór go bhfuilimíd in imeall an chogaidh fós, dar lé daoinibh áirighthe: i bhfíor-thosach. Táir óg fós, ná bíodh aon dochma ort roimis an saoghal, nílir ach ’n-a imeall: ’n-a thosach. Tair in imeall an sceil airís dom go dtuigead i gceart thu: aithris dom ó thúis deireadh. Scríobhas nótaidhe ar imeall an leathanaigh: ar an gciumhais bháin. Thóg sí anáirde imeall a gúna ón ndraoib: an bun thíos.

imeartha: *a.r.* gnóthuighthe, cluiche nó súgradh do bheith críochnuighthe; traochta, tnachta; curtha lé buile. Níl a shaoghal imeartha fós aige: críochnuighthe .i. tá a thuilleadh ann fós gan tabhairt. Ní raibh an cluiche leath-imeartha nuair b’éigean é do stad: críochnuighthe. Tá a thoil imeartha aige ort, níl aon rud ná go ndéanfá dho: curtha ’n-a luighe ort. Ná caith do chárta go fóill, níl imeartha agam-sa .i. mo chárta caithte agam. Táim imeartha gen ngeóin go léir atá agaibh .i. curtha chun buile. Duine imeartha dob é, níor bh’aon iongadh gur ídigh sé é féin: clipighthe, cráidhte. Caithfidh an tarbh stad tá sé imeartha: traochta: tugtha. Cad tá imeartha anuas ort ná féadfá fanamhaint socair: cad tá “os do chionn”: cad é an mío-ádh. Is fada an saoghal imeartha ’n-a choinnibh: buadhairt a’s callóid air. Cad tá imeartha ar an ndoras so nách féidir a oscailt?: déanta leis. Diablaidheacht éigin imeartha air, nách é an fear céadna é: curtha ’n-a luighe air.

imearthach: *a.* tugtha d’imirt, do chleasaibh. Bruidheantach, oltach, imearthach tugtha do dhéanamh cleas thoirmisc. Raghadh sé go hifreann féin chun cártaidhe tá sé chómh himearthach san: an oiread san fonn air chun imeartha.

imearthach: *f.1.* imirtheóir, cearrbhach. Chaill an t-imearthach dob fhearr riamh .i. ní hi gcómhnaidhe a éirigheas lé himirtheóir maith. Chaillfeadh an t-imearthach ceart a léine sara stadfadh sé: an té go mbíonn an dúil mhór in imirt aige.

imearthóir: (**imirtheóir, imreóir**) *b.3.* imearthóiridhe cártaidhe, peile, etc. etc. Is é an t-imearthóir é, choidhche ní stadann ach ag déanamh gleáchais de dhuine éigin: cleasaidhe.

imigéineamhail: *a.* i bhfad ó bhaile. Is imigéineamhla go mór an Astráil ’ná an tOileán Úr. Is imigéineamhail leis dul ag déanamh a shlighe bheatha go Sasana: is fada ó bhaile leis é. Oileán imigéineamhail an Tiaracht do bhád bheag sa gheimhreadh: rófhada, róchonntabharthach.

imirce: *b.4.* aistriughadh, dul ó bhall go ball eile, imtheacht, aistrighthe ar iomchar. Is gearr anois go mbeidh an sciathán leathair (oilithir?) ar imirce ag gluaiseacht chun cómhnaidhthe i dtír eile. Ná bain aon imirce asam mara bhfuilir deimhnightheach go bhfaighead an nidh atá uaim: turus in aistear. Na céadta mílte dár muinntir ar imirce in imigcéin leis na ciantaibh gan radharc d’fhagháil ar a ndúthchas choidhche airís: ag gluaiseacht thar lear chun maireachtana.

imirt: *b.3.* (*-meartha*) bheith rannpháirteach i gcluiche nó i súgradh, do chur tinnis nó imshnímh; foillsiughadh nirt nó gliocais. Ná bí ag imirt orm: ag déanamh gleáchais nó seóidh dhíom chun aoibhneasa do bhaint as. Cad tá ag imirt anois ort?: ag cur as duit: god chur chun an nidh atá dhá dhéanamh agat do dhéanamh. Bíonn dathacha ag imirt orm lé hatharrughadh aimsire: ag cur tinnis orm. Is breágh an lá dho bás d'fhagháil, mar is fada an tsláinte ag imirt air: ar díth sláinte: í ag dul 'n-a choinnibh. Ná dein aon imirt leis an rásúir sin, níor bh'fhada an mhoill uirthe do shuile d'oscailt duit: ná bí ag útamáil léi. Bíonn na leanbhaidhe ag imirt air: ag déanamh chleas air chun grinn do bheith aca. Tá an imirt amuigh .i. an cluiche thart. Tá an imirt amuigh: críochnuighthe. Fonn imeartha níl orm indiugh: súgraidh nó cluiche. Níor bh'fhada don gcath ar siubhal nuair cuireadh dhá luing as imirt: ó bhualadh. "Den imirt an coimeád" .i. an faireach fartha. Tá imirt sa bhfear san: tá gliocas ann rud do dhéanamh nó tá rud 'n-a chodladh ann i ngan fhios d'aonne. Ná bíodh aon eagla ort ná go bhfuil seisean abálta ar a chnaipe d'imirt go maith: a chion do phléidhe: teacht as dhraip trí ghliocas. Cé leis imirt? (cártaidhe) .i. an té a chaithfidh amach an chéad chárta ar bórd. Chuaidh an imirt im choinnibh: ní rabhas i ndán aon chúig d'fhagháil. Dheineas imirt thar láimh: chaitheas roim m'am. Tá sé ar (a) imirt anois agat .i. pé rud atá rómhat do dhéanamh beidh do dhá dhóthain cúraim ort. Tabhair imirt uait: dein beart. Bhí an bhanaltra ag imirt leis na leanbhaidhibh: ag súgradh. Níl neach ag imirt ort ach tú féin: níl aonne chughat ná uait: ag cur isteach ort. Raghainn go himirt m'anama air: chómh dian in ao'chor a's d'fhéadfainn é. Mo thuairm go raghainn amugha ghá dhéanamh, táim as imirt lé fada: taithighe.

imleach: *f.1.* talamh ar theórainn riaisc nó bogaigh. Imleach Slat etc.

imleacán: *f.1.* boillscean; an lag i lár builg an duine a's ainmhidhthe bleachta; corplár aon ruda. Mharbhófá an dreanncaide ar a imleacán deirtear lé duine go mbíonn a bholg lán de dhigh nó de bhiadh. Sáidh isteach 'n-a imleacán: 'n-a lár. Deirtear lé duine go mbíonn coimpléas mór aige, "tá imleacán aige". Chuaidh sé go dtí n-a imleacán san abhainn: doimhin go maith.

imlighe: *f.4.* lighe nó leapáil mhór. An oiread san dúlach aige ann go raibh sé ag imlighe an áruis tréis a ólta: ag cuimilt a theangan de. An madra ag imlighe an bhainne: ghá ól lé n-a theangain.

imnidhe: (**imshníomh**) *f.4.* míoshuaimhneas aigne, buaidhreamh; fonn; cúram; dícheallacht. Ná bíodh aon imnidhe ort, tá am do dhóthain agat: deabhadh. Cuireann sé imnidhe orm é do bheith gan teacht chómh fada, rud nách gnáthach leis: buaidhreamh. Cuirfead-sa imnidhe ag imtheacht ort: deabhadh a's deifir. Is mór go léir an t-imnidhe gnótha atá anois air i ndeireadh an lae thiar: fonn a's biorda. "Buadhann an t-imnidhe ar an gcinneamhaint" .i. an té a bhíos aireach is dóichighde gan faic d'éirghe dho. Ná bíodh aon imnidhe sláinte ort, táir chómh folláin lé breac: aon tsuathadh aigne. Cad tá ag déanamh imnidhe dhuit?: ghod bhuaidhreamh. Leis an imnidhe do thuiteas: deifir gan féachaint rómham. Má bhíonn aonne déidheannach ní hé siúd é, mar bíonn an t-imnidhe air: an fonn chun a chúrsa do chur chun cinn. An té ná bíonn imnidhe chun an tsaoghail air bíonn a ghnóth leachta: ná bíonn cúram an tsaoghail ag déanamh mearbhaill do. Dein imnidhe de san: dein go luath é. Cuir imnidhe id ghéagaibh: bain breis oibre asta.

imnidheach: *a.* scímeach, cúramach, neamhshuaimhneasach, dícheallach, fonnmhar. Bí imnidheach léd chuid oibre níl puinn aimsire agat: dícheallach. Ar feadh na hoidhche bhraitheas an-imnidheach ná raibh na hiascairidhe ag teacht: míoshuaimhneasach: eaglach go n-éireóchadh rud éigin dóibh. Dochtúir imnidheach seadh é .i. ná tugann aon fhaillighe 'n-a chúram. Feirmeóiridhe imnidheacha iad san ná fanann a bhfóghmhar ar bóiléagar: a fhriothálas na barraidhe i dtráth. Thugais oidhche imnidheach dom: buadhartha. Budh dheacair é do thuigsint bhí sé ag labhairt ró-imnidheach: róthapaidh. Sasana a's an Ghearmáin ag déanamh áthraighe aoir go himnidheach chómh luath, láidir 'sis féidir leó. Bí imnidheach: ná dein faillighe, moill ná stad. Obair ró-imnidheach í seo ní fhéadfadh sí bheith déanta 'n-a ceart: an iomad deabhaidh léi. Bí níos imnidhthighe a's ní bhfaghfar aon locht ort: airighe.

imnidhthighe: *b.4.* cúramacht, dícheallacht. Lé himtheacht na haimsire a's ná rabhais ag filleadh is ag dul in imnidhthighe do bhíos: ag dul i míoshuaimhneasaighe. An imnidhthighe go léir atá ag briseadh a chroidhe: an aire a's an dícheall.

impidhe: (**ímpidhe**) *b.4.* athchuinghe, athchairt, guidheachtain. Ar m'impidhe go scaoiltí leis tugadh saor é: athchuinghe. Ar impidhe na Maighdine Muire: ar a hathchuinghe ar son. D'iarras d'impidhe ortha leigeant do a's gan é d'ídeach: mar athchuinghe: iarraidh dúthrachtach. Trí impidhe an atúrnae cuireadh an chúis ar athlá: ar a iarratas.

impidhim: (**ímpidhim**) *b.a.* Impidh é stad nó déanfaidh sé brus: iarr go dúthrachtach. D'impidheas ar Dhia é d'árdach as mo radharc bhíos chómh clipighthe sin aige: d'iarras óm chroidhe amach.

imreamhar: *a.* an-reamhar, bláthmhar, mágach, feólmhar. B'é a ndúthchas do bheith imreamhar ní fheacaís aonne aca riamh caol ná seang: feólmhar. Chaith sé cloch imreamhar liom a fhágfadh cabhán orm dá mbuaileadh me: toirteamhail. Ubhla imreamhra go raibh dhá oiread do dhuirn ionta: an-mhór. Cómhartha nirt an fhir a chnámha imreamhra: mór, láidir: teann.

imreas: *f.1.* ⁊ *3.* achrann, buaidhreamh, neamhréidhteach. "Is fearr an t-imreas ná an t-uaigneas" .i. dá oilceas é do bheith in earrad lé duine a's a chómhluadar do bheith agat is measa go mór bheith it aonarán. An té go mbíonn fonn imreasa air ní féidir do dhuine é féin do shaoradh air: an té a bhíos achrannach is deacair é do sheachaint. Ól, éad a's imreas, trí nidhte dual an donais: achrann cainnte. Níl baoghal air ná gur b'é mac an imris é: tuar troda. Ná cuir imreas orm nó is duit féin is measa: achrann. Táid in imreas a chéile gur deacair síothcháin do dhéanamh eatartha: neamhréidhteach. Mac imris a súl 'sé mac an imris é .i. tuar buaidhrimh d'fhearaibh. Is fada ó imreas é .i. tá sí mín, macánta. Tá sé déanta amach agam gur fearr imreas leis an saoghal 'ná luighe fé: duine do dhéanamh a dhíchill ar gach iarracht, olc, maith.

imreasach: *a.* achrannach, buadharthach, trodach. Drong imreasach éigin i dtíorthaibh oirdheiscirt na hEoraipe i gcómhnaidhe ag cothughadh fala: neamhshocair, míriaghalta. Mara mbeadh an diabhal do bheith go himreasach eadraibh dhéanfadh sibh toil Dé: ag

spriogadh troda. Tá an obair seo ag teacht go himreasach orm: go crosta: tugann mórán duaidh dhom.

imreasaidhe: *f.4.* trodaire, duine achrainn, spochaire. In áit go mbíonn an t-imreasaidhe bíonn an diabhal féin 'n-a chodladh ann: an té go mbíonn fonn achrainn air. Go síothach, grádhach chaithfidís a saoghal go dtáinig an t-imreasaidhe 'n-a measc d'adhain eatartha lé n-a chuid bréag: spochaire: duine gur bh'é a fhonn buaidhreamh do dhéanamh. Maitheas ar bith ní headh bheith ag áiteamh ar imreasaidhe mar thu ná fanann ar an gceart: duine gurb é a ghreaindighe bheith ag treasnaghal gan tacaidheacht leis.

imreasaidheacht: *b.3.* achrannacht, buaidhreamh. Choidhche agus riamh bíonn imreasaidheacht dhá thaidhbhreamh do, chuirfeadh sé naoimh amuigh lé chéile: buaidhreamh idir dhaoinibh. Cad é an imreasaidheacht atá ar bun aige ná héisteann a bhéal a's gan bheith ag imdheargadh daoine gan adhbhar?: fonn achrainn.

imreasain: *b.* (*-san*) iomarbháidh, spairn, ciapáil, clampar, aighneas. Aon imreasain níor thugas fé ndeara ná níor chuala eatartha go bhfeaca na buillidhe: aighneas. Beireann imreasain air i gcómhnaidhe, is cuma cá cómhluadar 'n-a mbíonn sé, toisc ná féadann sé a theanga do choimeád fé smacht: clampar. Thaithnigh an imreasain a bhí eatartha i dtaobh cáilidheachta na bhfear, an rud a shuidheadh duine aca bhréagnuigheadh an duine eile: iomarbháidh cainnte. Má tá ciall agat ná bíodh aon bhaint agat lé himreasain chách, fág fútha féin a gclampar do réidhteach: callán: gleódh.

imreasán: *f.1.* clampar, duadh, buaidhreamh. Buidheach 'e Dhia, ní bhíonn an tsláinte ag déanamh aon imreasáin anois dom, tá sí ar sheódh an domhain agam: buaidhreamh: giobadh. "Mar bhíos gual do ghual ar lasadh agus connadh don teine, mar sin don duine cheannairceach d'adhnadh imreasáin" .i. ag séideadh fé d'fhonn aighneas do chur ar bun. Is mór go leór an t-imreasán do bheatha dhuit: cuireann maireachtaint duadh neamhghnáth ort.

imreasánach: *a.* clamparach, duaibhseamhail, buadhartha. Dá mbeadh iadhamh ar do bhéal ní bheadh an teanga san agat chómh himreasánach ná cómh tagarthach: do tharrac clampair. Leig dúinn cómhrádh mín, réidh do bheith eadrainn gan nidhthe imreasánacha do tharrac orainn: conspóideach: claon lé haighneas buadhartha d'adhnadh. Impidhim ort gan bheith imreasánach agus éisteacht leis an dtaobh eile den gcúrsa: dochómhairligh: neamhreasúnta.

imreas: *f.1.* mac imrisc; an ball den súil a ghlacas an solas i lár mogaill na sul.

imreasc: *f.1.* clampar mór, gein an achrainn. Níl san ól ach imreasc .i. tá sé de mhallacht air go leanann achrann a's buadhairt aigne a's shaoghalta é. Dhá amhailt mhóra mhara ag imreasc lé chéile go raibh an fód lán d'fhuil aca: ag troid go fiochmhar, ag ionsaidhe a's ag iomlosc. Níor fhág an t-imreasc riamh thu, ná raghadh suaimhneas luath nó mall ort: claoine lé hachrann. Ag déanamh imrisc ataoi riamh: ag adhnadh achrainn a's míoshuaimhnis.

imreasóir: *f.3.* fic **imreasaidhe**

imreimhre: *b.4.* toirteamhlacht, téagarthacht, beathuightheacht. Cá ngeóbhadh imreimhre na mbullán ná beadh luach mór ortha: beathuightheacht, cothuightheacht. Ar éigean do gheóbhadh sé isteach an doras san lé n-a imreimhre: toirt, téagarthacht. Faic ní raghadh choidhche isteach 'n-a cheann lé n-a imreimhre: tiughadas.

imrighne: *b.4.* meádh, sos ná stad idir rud do dhéanamh nó gan, siar 'saniar, staonadh. Gan aon imrighne scaras leis, a's b'fhada liom go bhfuaireas an chao, nuair fuaireas breith mo bhéil air: gan staonadh: gan machtnamh ar cheart dom nó nár cheart dom scaramhaint leis. Gan aon imrighne gheobhfá buille 'en tuaigh uaidh, tá an t-imreas ann: gan meádh. Cad é an imrighne atá ort leis an ndigh ach í d'ól nó í d'fhágaint i leathtaoibh: siar ná aniar: neamhchinnteacht. Imrighne na gile gréine a bhí air gluaiseacht ón dtigh: ar feadh i bhfad bhí sé i gcás idir dhá chómhairle. Ní bheadh imrighne air sin bréag do rádh chómh luath leis an bhfírinne: moill.

imrím: *b.a.* ₇ *n-a.* bím rannpháirteach i gcluiche nó i súgradh áirighthe, damhsaim, cráfrálaim, buailim liathróid, peil, caithim cárta; gnóthuighim, taithighim. Imir amach do chártaidhe: caith amach ceann, cad fáth an imrighne? Imir ar an gcárta san: caith cárta air. Imir leat: ná stad d'imirt. An dóigh leat ná himreóchainn go dtín bpingin dhéidheannaigh leat?: ná beadh de mhisneach agam fanacht san imirt. Imrighidh ortha san, is iad is aoirde .i. ná leigtear aon chúig leó más féidir é. Is gránda, neamhthruaighmhéileach an bás do himreadh air, é do lámhach a's é 'n-a bhráighe: an bás do tugadh do. Mara seachnair tú féin ar an sleamhnánaidhe sin imreóchaidh sé a thoil ort: casfaidh sé ar a mhéir thu i slighe a's go ndéanfair do pé rud is mian leis. Pé duine go n-imreóchair air ná himir ar an suthaire sin: ná bí ag déanamh chleas air. Cad é an draoidheacht do himreadh ort lé déidheannaighe nár fhan maith chun aonnidh ionat: a cleachtadh ort. D'imreóchadh san a chnaipe lé haon fhear bán .i. ní leigfeadh a chion lé haonne: bheadh sé chómh glic leo. D'imir an mío-ádh air, sin é d'imir air: thug an mío-ádh aghaidh air a's níor thug faoiseamh do gur chlaoidh sé é.

imsheachaint: *b.3.* éimeadh; fanacht ó. Bíonn sé ghá imsheachaint féin ar an bhfuacht ach mar sin féin gheibheann sé slaghdán: ghá chosaint féin ar a dhícheall. Aon teangmháil liom ní maith leis, bíonn sé ghom imsheachaint: ag congbháil as mo bhealach.

imshníomh: *f.1.* faitchíos, cúram, míoshuaimhneas, dícheallacht, biorda. Tá imshníomh air chun iascaigh: biorda: faitchíos ná beidh in am. Ná cuireadh na fiacha atá agam ort aon imshníomh ort, tá eaga díolta do dhóthain agat: buaidhreamh aigne. Dréir ráidhteachas na bpáipéar tá imshníomh ar riaghaltas Shasana go loiscfear cathair Lonndain: eagla. Ná dein imshníomh de go ceann seachtmhaine eile níl aon deabhadh agam leis: ná luathuigh thar meón leis. Dheinis imshníomh maith a's bheith annso chómh luath: deabhadh agus cúram. Tá imshníomh le harmáil na laetheanta so: gábhadh mór. Ní fhágann imshníomh me id thaobh: bím eaglach go n-éireóchadh mísheól éigin duit.

imshníomhach: *a.* faitchíosach, cúramach, míoshuaimhneasach, dícheallach. D'fhoillsigh an Ghearmáin gur bh'fhada imshníomhach í i dtaobh armála: dícheallach

chun a déanta agus faitchíosach i dtaobh a méid. Dá mbeifeá chómh himshníomhach i dtaobh mo shláinte agus leigir ort anois do thiocfá ar mo thuairisc nuair bhíos im luighe: faitchíosach ná beinn go maith. Ná bí imshníomhach fén sparán do chailleamhaint ní hort a bhí an locht: míoshuaimhneasach in aigne. Is imshníomhaighe indiugh é i ndeireadh a shaoghail thiar 'ná riamh: is mó de dhuadh an tsaoghail do gheibheann sé.

imshníomhacht: *b.3.* cúramacht, dícheallacht, saothracht. Imshníomhacht an tsaoghail seo ag baint a mheabhrach de, ní bhíonn 'n-a bhéal ach a dheacracht maireachtaint: dícheallacht: fonn rud do bheith dá bharr aige. Neamh-imshníomhacht a chaill é: ceal féachaint roimis. Cloch isteach ná amach níl sa bhfalla, bhí imshníomhacht ghá thógaint sin: cúramacht: aire a's cáiréis. Lé himshníomhacht na ndaoine chuadar chun cinn ó bhliadhain bliadhain .i. aon rud do chuiridís rómpa do dheinidís ar fheabhas agus go luath, tapaidh é.

imtheacht: *f.3.* do dhul, do thriall, d'fhágaint, iomchar, imirce; teangmháil, beart, deallramh, aiste, clódh, slighe, meón, módh, brigh. "Imtheacht gan teacht air": fágaint gan filleadh. B'ait linn t'imtheacht chómh luath gan choinne: tú d'fhágaint, do thriall uainn. Bíonn sí ag teacht 'sag imtheacht: ag tabhairt turus gan cómhnaidhe do dhéanamh. Sin mar bhíonn, duine ag teacht a's duine ag imtheacht: ag fagháil bháis 'sag teacht ar an saoghal. Is beag an t-airgead atá ag imtheacht fé láthair: 'n-a rith. Rith tobac a bhíodh ag imtheacht an uair sin ná feicfeá in ao'chor anois: ar siubhal: ar díol. Ar an imtheacht atá fé is baoghalach gur drochchrích atá i ndán do: fuadar: na feádhanna atá fé: na rudaidhe atá dhá dhéanamh aige. Ar mo leabhar duit go bhfuil imtheacht maith fén gcapall san: clódh maith air: an chuma siubhail, déanaimh, etc., atá air tuar é gur capall maith do dhéanfaidh sé. Cad é an t-imtheacht so fút anois?: cad tá ar maoith agat?: cad tá fút do dhéanamh. An ceól ag imtheacht fé thalamh a's gan rinnceóir i láthair do bhuailfeadh cos air. An deoch the ag imtheacht fém fhéitheannaibh: ag gluaiseacht tríotha. Fág annsan é, níl aon rud ag imtheacht air: ag tárlachaint do. Connus tá an cogadh ag imtheacht indé is indiugh?: ag dul chun cinn: cad í an aiste atá air. Imtheacht go holc air mar chogadh, is é a thug anródh a's aindeise ar dhaoinibh: mío-ádh go dtárluighidh dho. Rud amháin ná fuil imtheacht ag aonne uaidh – an bás: dul as. Ar mo thoil féin atáim, cead teachta a's imtheachta agam: saoirse gluaiseachta. Dá mbeadh aonnidh ag imtheacht uait-se ar an gcluiche seo bheadh gleódh mór agat: dhá chailleamhaint agat. Pé méid a bhí agat di is ag imtheacht uait atá sí .i. an chiall ag tréigean ort. Bhíodh a chuid ag imtheacht ist oidhche .i. dhá fhuadach: dhá ghoid. Scéal atá ag imtheacht ges na cómharsanaibh é: dhá aithris 'n-a measc. Nós atá ag imtheacht as an saoghal, scéalaidheacht oidhche: ag fagháil bháis. Tá an t-árus san ag imtheacht as: ag sileadh. Ní fada eile ná go mbeadh na daoine ag imtheacht as m'aithne: ná haithneóchainn neach aca trí gan cómhluadar do dhéanamh leó nó le dearmhad toilteanach do dhéanamh ortha. Beir ag imtheacht as t'eólas má ghaibhir an bealach san: ag dul amugha. Ní fada bhíonn duine ag imtheacht as taithighe: gan maitheas d'fhanacht ann chun ruda d'ionnramháil go cliste. Ní bhearfad liom an scéal 'n-a cheart is dócha, tá sé ag imtheacht as mo chuimhne lé n-a fhaid ó aithriseas cheana é: dearmhad dhá dhéanamh air. Ag imtheacht roimis do bhíonn an duine sin: ag síorshiubhal gan aon áit chómhnaidhthe. Bí ag imtheacht rómhat, tiocfad-sa suas leat: ag triall leat ar an mbealach. Is tiugh atá sé ag imtheacht: is mór an siubhal atá fé. Tá sé ag imtheacht go tiugh lé bliadhain, ní fada uaidh an chabhair: ag meath: ag tréigean. Cloisim go bhfuil ag

imtheacht de ar fad lé déidheannaighe .i. go bhfuil sé ag dul as a mheabhair. Ag imtheacht de lé hólachán, chun oibre etc.: ag dul i ngéire air. Ag imtheacht as an lamhnán, árus, mála: ag leigeant uaidh. Faic in ao'chor níl ag imtheacht tharam: tugaim gach aon rud atá ar siubhal fé ndeara: cloisim a's chídhim. Gach rud ag imtheacht tharais: i ngan fhios do. Dá mbeadh aonnidh ag imtheacht díom ach is amhlaidh atá gach aonnidh ag teacht orm: gan na rudaidhe atá ghom bhuaidhreamh ghom fhágaint. Bíonn sé ag imtheacht leis féin, tá sé an-iargcúlta: ina aonarán. An mbíonn Seán ag imtheacht lé Máire fós? .i. ag siubhal léi: ag coimeád a coidrimh. Ag imtheacht lé haer an tsaoghail: gan aon chosc. Sara fada beir-se ag imtheacht duit féin: ag déanamh do shlighe bheatha asat féin. Ar an slighe neamhfhuaimeantamhail ataoi ag cainnt táir ag imtheacht leat féin ar fad: ag scaoileadh leat féin gan tuigsint, gan deallramh. Dá mbeadh imtheacht an scéil agam scríobhfainn leitir ar do shon: dul: gach nidh 'n-a cheart ó thúis deireadh. Tá an bhó ag imtheacht (di féin) .i. fé dháir. Ar an imtheacht chéadna bheidh sé choidhche, gan aon atharrugadh: aiste: clódh. Cuir síos dom ar imtheachtaibh an lae, budh bhreágh liom a fhios do bheith agam cad thuit amach: na nidhthe a thárla. Chuireas m'imtheachta ar láimh atúrnae, bhíodar ró-achrannach dom féin do réidhteach: mo chúrsaidhe: mo ghnóthaidhe. Nuair chídhtí sop tuighe ar sileadh lé ceirc chreideadh lucht piseóg go raibh duine éigin le himtheacht, lé bás d'fhagháil. T'imtheacht is oth liom: do bhás. An ghrian ag imtheacht síos: ag dul fé. Luach earraidhe ag imtheacht suas: ag méadughadh. Ní leigfí dhom imtheacht: an áit a bhí agam d'fhágaint. An áit ag imtheacht 'n-a fhásaigh: fásach ag déanamh. Ag imtheacht 'n-a bhitheamhnach: ag déanamh bitheamhantaidheachta. Ag imtheacht fiadhain: a thriall sa treó san. An talamh ag imtheacht bán .i. gan aonne ag saothrughadh air. Na dúthaighe ag imtheacht in ainm an diabhail ar fad chun cogaidh: ag dul chun na haindeise: gan aon riaghail leó. Bhí sí ag imtheacht gan chlainn: an tréimhse dhá chaitheamh a's gan clann ag teacht. "Agus adubhairt sé, leig dom imtheacht, óir tá an lá ag éirghe. Agus adubhairt seisean, ní leigfidh me dhuit imtheacht nó go mbeannuighidh tu me" (Gen. XXXII. 26): dul: fágaint: eadradh. "A thighearna, anois leigfidh tu dot shearbhfhóghantaidhe imtheacht i síothcháin dréir t'fhocal [féin]" (Lúcás II. 29) .i. an saoghal so d'fhágaint. Cad tá lé himtheacht air, dréir do thuairme, má daortar é?: cad í an bhreith a tabharfar air. Lé himtheacht na gréine tagann fuacht san uisce: a dul, a fágaint. Tá sé le himtheacht ambáireach: ar tí fágtha. Airgead ag imtheacht lé fánaidh ann: é dhá chaitheamh gan aon tsuim dhá chur ann. An fear ag imtheacht bán: buile thar chailc air. Gach aonnidh ag imtheacht im choinnibh: ag déanamh díoghbhála dhom. Bhíodh sé ag imtheacht tríom bheith ag féachaint air ag fulang: ag goilleamhaint go mór orm. Mo chuid ag imtheacht ge madraidhibh an bhaile: soir siar gan fásc air. An bratach ag imtheacht lé gaoith: ar luascadh léi: dhá chrothadh aice.

imtheachtach: *a.* tugtha do nó claon lé himtheacht. An bhfuil aon rud chómh himtheachtach leis an airgead? .i. is túisce a bheadh bailighthe leis. Is deacair a rádh an bhfaghfá ag baile é, duine imtheachtach seadh é: duine ná bíonn stuidéar fada in áit air. Ní bí chómh himtheachtach san, beir fada air .i. fonn siubhail air.

imtheachtaidhe: *f.4.* duine go mbíonn cuma nó iomchar maith air, méin, éagcosc. Imtheachtaidhe mná seadh í chómh breágh a's bhuailfeadh i siubhal lae ort: bean go bhfuil cuma a's clódh uirthe. Droich-imtheachtaidhe capaill atá agat: capall ná cuireann

an tslighe dhe go taithneamhach. Imtheachtaidhe go bhfuil meas ag cách air seadh é: fear go bhfuil deighiomchar fé. Imtheachtaidhe maith bóthair: coisidhe maith.

imthighim: *b.a.* 7 *n-a.* téighim, fágaim, triallaim, gheibhim bás, buailim rómham, leanaim de, cuirim díom. D'imthigh sé leis féin .i. chuaidh sé ó choidreamh daoine nó bhailigh leis as an gceanntar. Is fadó riamh d'imthigh sé leis féin .i. chrom sé ar rudaidhibh neamhghnáthacha do dhéanamh. Imthigh leat!: scrios! D'imtheóchadh sí leis d'aindeóin a muinntire: raghadh sí chun a beatha do chaitheamh 'n-a fhochair gan chuing phósta. D'imthigh an fheirm bán de cheal a saothruighthe: dhein fásach di. D'imthigheadar in ainm phoilínidhe an diabhail chun a chéile: d'éirigheadar go nimhneach i gcoinnibh a chéile. D'imthigh sé i bhfarraige nuair d'imthigh a chosa uaidh .i. thuit sé innte nuair stroill sé. D'imtheóchadh an díleaghadh ortha mara mbeadh an aire do fuaireadar: bhéarfadh an aindeise ortha. D'imthigh an mío-ádh ort lé crostacht: níl aon teóra leat. "Imthigheann an spré a's fanann an bhreall ar an mnaoi" .i. leigheann sí: scaipeann sí. Maidir lém chuidse dhe imthigheadh sé lé n-a phoc .i. deineadh sé pé rud is mian leis. "Imthigheadh sé leis an méid sin anois", deirtear lé duine go mbíonn bearradh teangan fachta aige .i. beireadh leis an méid sin. D'imthigh a raibh aige lé haer an tsaoghail .i. leighidh sé thall 'sa bhfus. Imtheóchad im ghárda .i. luighfead isteach sa Ghárda. Imthigh ar an méid sin, a's bí sásta: dein leis an méid sin. D'imthigheas ar leathchion duine .i. sin ar bhuail me nó a fuaireas. Imtheóchaidh olann ar neamhnidh fós: ceannófar an-shaor í. Ná himthigheadh aonne ar ráidhteachas na bpáipéar, mar nách í an fhírinne a bhíos ionta go minic: ná tugadh neach breith dréir a n-abraid. Imthigh ar an méid adéarfad-sa leat: bíodh mo chainnt mar chaighdeán oibre agat. Imtheóchair lé fánaidh mara mbeir aireach: is tinn duit: raghair chun deiridh. Chómh luath a's fuaireas an glaodhach d'imthigheas orm: seo liom ar mo thriall. D'imithigh orm lá go rabhas ag dul ó thuaidh: do thárla dhom. Dá n-imthigheadh ort go mbrisfidhe do chos: dá dtárluigheadh duit. Imthigh liom anois mar dhéanfadh fear maith: tair liom. Imtheóchaidh as an at san fós ach leigeant do: trághfaidh sé. Imtheóchad as aithne na ndaoine gen mbréigriocht so: ní aithneófar me. Imthigh siar ar t'eachtra, tá cuid di caillte agam: téighir a's tosnuigh uirthe. Imtheóchaidh a dtiocfaidh is a dtáinig: gheóbhaidh gach aonne bás. Imtheóchaidh do bhean uait: tréigfidh sí thu. D'imthighis ó dhúthchas .i. ní dheaghais léd shinnsear, ní ghnír mar budh dhual duit. Imtheóchad as a chéile má bhíonn orm bheith ag saothar mar seo: claoidhfear me. An chéad iarracht agus an dara hiarracht d'imthigheadar folamh: ní tháinig aon toradh dá gcionn. D'imtheóchadh leis go maith dá leanadh sé mar bhí aige mara mbeadh an iomad measa do theacht aige air féin: d'éireóchadh leis. Is mór mar imthighis amach as an éadach lé tamall, níl do dheilbh ann, ní aithneóchadh neach thu: mar lomais, sheargais. Imtheóchad rómham a's ní fhillfead airís: raghad lé fánaidheacht. Dá mhéid deabhadh agat liom, imtheóchair-se rómham: gheóbhair-se bás etc. An diabhal go n-imthighidh leis mar iasc maran deacair breith ort: an mío-ádh go raibh air etc. Nára n-imthighir ar fóghnamh .i. gach anródh dá olcas go n-éirighidh. An té a imthigheas díreach bíonn a rian air: an té a bhíos ionraic. Lé fuacht a's lé fán go n-imthighidh namhaid ar dtíre: beagrath go raibh uirthe. Imthigh mar seo léd pheann: gaibh an treó atá dhá dheimhniughadh agam. Budh d'fhóbair go n-imtheóchadh sé 'n-a gheilt nuair chrom na rudaidhe beaga ag feadghail fé: go n-iomcharóchadh sé é féin mar dhéanfadh fear buile.

imthighthe: *a.r.* dulta, thart, críochnuighthe, éaluighthe, múchta, marbh, thar fóir. Ní fada uaidh bheith imthighthe: marbh: básuighthe. Tá an dúthaigh imthighthe chun an phota .i. an aindeise tagtha uirthe. Deirir liom go bhfuil sé imthighthe 'n-a diaidh: go bhfuil éileamh mór aige uirthe. Dá mbeinn imthighthe chun bídh ní ghlacfainn greim uaidh lé gráin air: dúil mhairbh ann. Is mó bhídís imthighthe chun Gaedhealainge 'ná mar táid: fonn chúiche. Scarais go maith leis an dtuiteam san, níl faic imthighthe ort: teangmhálta dhuit: níl seóid ort. An galar imthighthe fén gceanntar: scaipighthe. Nuair bhí an deoch imthighthe fútha thosnuigh imreas eatartha: dulta i bhfeidhm ortha. Tá sé imthighthe dho féin ar fad: gan aon riaghail: lé fán. Sara raibh an tinneas imthighthe dhíom bhíos leathmharbh aige: scartha liom. Mo thuairm-se go bhfuil an fear san imthighthe suas ar fad ar an slighe atá sé ag cainnt: gan aon ghreim air féin: as a chéill. Tá mo bhean imthighthe leis: do thréig sí me ar a shon. Dá mbeinn imthighthe ó smacht mo mhuinntire an tráth úd dar liom go mbeinn ar mo thoil féin: gan me bheith fé n-a riaghail. Gach rud imthighthe anois: bailighthe leis gan tuairisc. Mo chuid imthighthe soir siar: scaipighthe.

imthreascairt: *b.3.* (*-cartha*) leagadh mór, claoidhe. Imthreascairt ag an mbás asat!: go síneadh an bás ar lár thu. Imthreascairtidhe maithe dhá bhaint as a chéile ag Sasana a's ag an nGearmáin: díoghbhálacha móra catha. Imthreascairt na Pólainne leis an nGearmáin i dtrí seachtmhaine: a claoidhe ar fad.

imthreascraim: *b.a.* leagaim, lomaim, claoidhim. D'imthreascair an gála crainn na coille: leag a's thairng aníos as a bpréamhachaibh iad. Imthreascaradh san áit achrannaigh me sa doircheacht nár fágadh pioc croicinn ar m'aghaidh: leagadh ar lár me.

inbhear: *f.1.* ingheal, ar féarach, féarach; cúlchainnt. Os do chómhair amach is é a bheadh go tláith, lághach leat, laistiar díot ag inbhear ort, ná raibh maith ná gníomh ag baint leat: cúlchainnt: ithiomrádh. Ar an inbhear atá annsan ges na beithidhigh sin ní fada ná go mbeid reamhar glan. Chuireas an stoc ar inbhear chuige: ar féarach. Bí ag inbhear leat: ag ingheal: ag itheadh.

inchinn: *b.* (*-cheann*) ball nó suidhe na hinntleachta; meabhair chinn; inntin. Inchinn chirce níl agat a's a rádh ná tuigtear leat gur chun do mhaitheasa féin atáim ag obair duit: gan bheith i ndán mhachtnaimh do dhéanamh. An té ná beadh aige ach inchinn gealbhain budh shoiléir do nách sábhálta dul ar snámh sa gheimhreadh gan taithighe air ach go háirighthe. Bainfidh sé an inchinn asat tá an oiread san uilc aige chughat, mara seachnair é: déanfaidh díoghbháil throm chorpardha dhuit. Ar an gconntabhairt go bhfuil sé anois ar an inchinn atá a sheasamh: ar a mheabhraidheacht cinn: dréir mar mhachtnuigheann sé connus teacht as. Truagh ná fuair sé foghluim, tiocfí tharais mar tá inchinn aige: inntleacht thar barr ó nádúir agus feart chun machtnaimh. Tá sé fachta san inchinn aige: ó thalamh: an iarracht do fuair sé dhein sí é do bhascadh go mór. Inchinn ciaróige ní dhéanfadh an rud lé haiteas atá déanta agat .i. pioc céille níl agat. Tá an dúthaigh éirighthe san inchinn aige .i. is í is mó atá ag déanamh tinnis do: bíonn sé do shíor ag cainnt uirthe. Dá mbeinn ag criafairt m'incheann go maidean ní bhéarfainn chun mo chuimhnte cad é an áit gur theangmhálamair ar a chéile: ag dian-chuimhneamh.

indé: *d.bh.* an lá roimis an lá so. Indé bheadh sé indiu aige, indiu bheadh sé ambáireach aige .i. ag cur rud ar an méir fhada. Ní hindiu ná indé d'éirigh sé dho bheith tuaisceartach .i. bíonn mar sin coitchianta. Éist-se, níl ionat acht ó indé .i. ní fiú trácht ort. "Nách indé é sin" .i. ag tagairt do rud a thárlaidh tamall gearr ó shoin i gcómhnáird lé rud éigin a thárlaidh tamall maith ó shoin.

indiu: (**indiugh**) *d.bh.* an lá so, fé láthair; an aimsir (tráth) atá ann. Mairg an té go mbaineann saoghal so a mheabhair de a's gan ann ach ó indé go dtí indiu: seal geairrid ar an gcuid is sia de. "Indiu an lá, tair nó fan" .i. mara ndeinir gníomh anois beidh aon am eile ródhéidheannach chuige. Aon atharrughadh ní tháinig lé himtheacht aimsire air, indiu féin sé an fear céadna é .i. ar an láithreach. Ó indiu amach beidh dlighe i bhfeidhm 'n-a thímcheall: ón am so. Ní hionann leanbaidhe an lae indiu a's an ghlúin atá imthighthe .i. na haimsire seo. Ná fág fuighleach an lae indiu fé mhargadh an lae ambáireach .i. an rud is féidir leat do dhéanamh indiu dein é indiu. Sa lá atá indiu cúiteóchair liom fós an rud atá déanta agat orm .i. dearbhuighim go láidir é. "Chonnac arbhú indiu é" .i. indé, deirtear chun seóidh san.

infheitheamh: *f.1.* faire, cúram, fanamhaint go himnidheach nó in aghaidh tola. B'é an t-infheitheamh oidhche a gheóbhadh tríot, tú ag faire a's ná feadraís cá nóimint do phléascfadh na gunnaidhe id thímcheall: faire imshníomhach. An t-infheitheamh do rinne an bhanaltra air a's é ar barrghail báis, go mbíodh 'n-a bhun gan sos, ní fhéadfadh a chúiteamh choidhche léi: an friothálamh cúramach, imshníomhach.

infhiúchach: *a.* dianfhaireach, ganfhiosamhail, scrúduightheach. An dá shúil infhiúchach a bhí aige ar fuaid an tseómra, duine caoch ná beadh a fhios aige ná gur ar thóir ruda éigin do bhí sé: géarfhéachainteach. Ag féachaint go hinfhiúchach orm gur dhóigh leat gur bh'eol do a raibh ar m'aigne: go dlúth, géar.

infhiúchadh: *f.* (*-chta*) d'fhéachaint nó d'fhaire go géar, dlúth, do scrúdughadh go fiosrach. Bíonn ár bhfeighlidhthe mara ag infhiúchadh na farraige féach an mbeadh aon namhaid ar ár gcósta: ag féachaint go géar d'iarraidh ruda do thabhairt chun cruinnis. Níor thaithnigh sé léi go raibh sé ghá hinfhiúchadh chómh mór san gur thug a raibh láithreach fé ndeara ná raibh sé ag tógaint a shúl di: ag féachaint go géar cruinn uirthe. Faic níor cheart duit d'fhágaint ar bóiléagar a's eisean timcheall, mar ní bheadh sásta gan bheith ghá n-infhiúchadh go mb'eól do do chúraimidhe: ag scrúdughadh a's ag fairghis. Dá gcaithinn mo shaoghal ghá infhiúchadh ní bheadh a fhios agam cad budh bhrigh leis na cómharthaidhibh a bhí ar an ngalán: ag dearcadh go géar a's bheith d'iarraidh í do léigheamh. Ó théigheann sí isteach 'on tsiopa go bhfágann sí ní bhíonn earra ann ná deineann a infhiúchadh: mionscrúdughadh.

infhiúchaim: *b.a.* mionscrúduighim, féachaim go dlúth, géar ar; breithnighim. Cé gur infhiúchas ó sháil rinn an méid a bhí scríobhtha aige ní bhfuaireas aon dearmhad amháin: gur loirgeas lochtaidhe go beacht. Ní raibh ball díom ná gur infhiúch an dochtúir ar lorg suidhe mo thinnis a's níor fhéad d'ionadughadh: ná gur chuarduigh sé go mion. "Infhiúch me d'fhéachaint cad é an dath atá orm", deirtear le seanbhlas .i. scrúduigh go cruinn mo chlódh. Ná hinfhiúch mar sin orm, nidh míbhéasamhail seadh é: ná bí ag baint lán do shúl

asam gan staonadh: ag cur na súl tríom. Sarar leigeadh thar teórainn me d'infhiúch oifigidhe an chostaim m'aistrighthe go léir, níor fhágadar faic liom gan féachaint tríd: chuarduigheadar go mion. Nuair ghaibheann sé an áit chuige féin níl aon rud sa tigh ná go infhiúchann sé le caoraidheacht: séirseálann sé.

ingheal: *f.1.* ar féaránach, féaránach, ag itheadh 'n-a shnapannaibh. "Ní hag itheadh atáim, a chara, ach ag ingheal" ag baint greama annso a's annsúd as (ar nós an ainmhidhe). Bainne dréir an inghil .i. má bhíonn an féarach go maith beidh breis bhainne dá bharr. Ar son Dé, ná caith an lá ag ingheal: ag itheadh díreach mar bheadh ainmhidhe ar ghort.

inghealtas: *f.1.* féarach, inbhear, inghilt. Gort inghealtais: gort féaraigh. Fág 'n-a inghealtas é, ní bheadh aon mhaith chun móinfhéir ann: 'n-a fhéarach: i gcóir féaránach.

inghean: *b.2.* (-ghine, *iol.* –acha) leanbh baineann. Is mairg inghean mar bhean tighe: níl innte ach leathscéal: choidhche ní bheadh sí 'n-a mnaoi ionaid chómh maith leis an máthair. Inghean striapaighe nó mac iarla .i. chómh neamhmaitheach iad araon. Máthair choséadtrom inghean chostrom: máthair éascaidh inghean leisceamhail. Sin mar tá an scéal, a inghin ó, a's féach cé atharróchaidh é: a bhean mhaith. Clann inghean: ingheanacha aon athar a's mháthar. "Bíodh muinghin mhaith agat, a inghean, do shlánuigh do chreideamh thu" (Matha IX. 22) .i. briathar cineáltais nó taise. Annsan do ghluais an inghean: an bhean óg. "Is é do mhac do mhac, indiu, is í t'inghean t'inghean go deó" .i. is dílse í. "Is mac do mhac go bpóstar é, ach is inghean t'inghean go dtéighir 'on chré".

ingearthach: *a.* coiligsheasamhach, "gan bun cleite isteach ná barr cleite amach". Tá iogán ar an bhfalla san, níl sé ingearthach: 'n-a sheasamh díreach.

ingheilim: (**inghealaim**) *b. n-a.* ithim (féarach). D'inghealóchadh an sutha san ó mhaidean go hoidhche faid bheadh greim lé fagháil aige: d'íosfadh sé an oiread lé hainmhidhe. Inghealuighid nuair gheibhid: nuair gheibhid an chao ithid cuid mhaith.

ingheilt: *b.2.* d'itheadh féir ghlais nó féaraigh. Dlighe in aghaidh ainmhidhthe do bheith ag ingheilt ar ghruadhannaibh an bhóthair: ag itheadh.

ingir: *b.2.* "pluma", daradha saoir go n-iomchar ar a cheann d'fhionnachtain dírigheacht an fhalla. Bacart a's ingir saoir (coitcheann in Uibh Ráthach) = riaghail chearnach a's daradha.

ingneach: *a.* go n-ingnibh, liodáin, crúcaidhe, gathaidhe. An fhaoileann díthingneach ghréasánach, an seabhac ingneach dithghréasánach: liodánach: gathaidhe fada cama. Buachaill ingneach, clúmhach: neamhghasta a leigeas dá fholt a's dá ingne fás fada. Cad is bun leis an gcrot ingneach indiu?: cuma go stiallfá an croiceann de dhuine le holc nó droichmhianach.

inghreamughadh: *f.* (*-uighte*) do bhreith greama go daingean, docht, d'fháscadh go dlúth lé chéile, d'fheistiughadh go doscaoilte. Inghreamughadh do dhein an gabha ar chruitibh an chapaill go bhfuil sé bacach aca: fáscadh róchruaidh. Fiche uair d'iarras air gabháil tharm a's leigeant dom ach ag inghreamughadh ionam do bhí sé: ag ceangal níos dlúithe: breis fhonn ag teacht air gan scaramhaint liom. Dá mbeireadh partán nó gleamach ort lé n-a órdógaibh ní róbhog do scarfá lé n-a inghreamughadh: an fáscadh docht atá aige. Bodaigh ná raibh an dlighe i mbun aon tsásta do bhaint díobh a's iad ag inghreamughadh cuid na ndaoine mbocht: ag breith air a's ghá árdach leó.

inghreamuighim: *b.a.* fáiscim, ceanglaim, cuibhrighim go dlúth, beirim d'aindeóin ar. D'inghreamuigh na saighdiúiridhe cuid a's barraidhe na dúthaighe, a's d'fhágadar na daoine gan faic. Inghreamuightear na dóirse in aghaidh an ghála: fáisctear go daingean iad. D'inghreamuigheadar tímcheall na cabhlach a chéile lé n-a ngéagaibh d'iarraidh na talmhan do thabhairt dá chéile: rugadar go fáiscightheach ar a chéile. Dá fhaid do bhí an bitheamhnach ag creachadh na ndaoine a's ag breith na gcos leis inghreamuigheadh sa deireadh é: rugadh air dá aindeóin. Ná hinghreamuigh mar sin mé nó goirteóchair me: ná tabhair fáscadh docht dom.

inghreamuightheach: *a.* an-fháiscightheach, deaghchuibhrightheach, feistightheach. Is é an báirneach a bhíos go hinghreamuightheach ar an gcarraig: fáiscighthe go dlúth dhi. Fir na Mumhan ní chuirfeadh ón dtigh ag déanamh aonnidh é, tá sé chómh hinghreamuightheach san istigh: chómh coimeádach, neamhfhonnmhar fágaint. Áit ar bith go ngaibhim bíonn an cor-mhadra san ar mo shálaibh, tá sé chómh hinghreamuightheach san díom: ceangailte asam: é d'fhonn air bheith im fharradh.

inid: *b.2.* an tráth ó Dhomhnach na hInide go Máirt Inide roim Chéadaoin an Luaithrigh. "Mara dtugaidh sí aonne chughainn nár bheiridh sí aonne uainn" .i. teach go raibh mórán aontumha ann idir bhean a's fear, a's sin mar deireadh a máthair 'n-a dtaobh.

inis: *b.2.* oileán. Muinntir na hInise, caladh na hInise, etc.

inmhe: *b.4.* cumas, neart. Tá an iomad den óige fós aige, níl sé in inmhe an obair dheacair sin do dhéanamh, fan go dtagaidh ann: ar chumas. Is gnáthach gur b'iad lucht inmhe is lugha a dheineas saothar: lucht saidhbhreasa.

inmheach: *a.* saidhbhir, cumasach, gustalach. Tá sé ag breith cruaidh anois ar na daoinibh inmheacha suaimhneas d'fhagháil in aon dúthaigh toisc an chogaidh: lucht gustail.

inneach: (**ineach**) *f.1.* na snáithínidhe a caithtear treasna leis an bhfiteán i bhfigheadóireacht. Fear carthanach, deaghmhaitheach é sin, mar sin budh dhual do do bheith, 'sé dlúth a's inneach do cuireadh fé é: bhí a mhuinntir roimis ar gach taobh mar sin. Sin í an chainnt go bhfuil an dlúth 'san t-inneach fúithe a's go bhfuil deallramh cainnte uirthe: go bhfuil fuaimeanacht a's ciall fighte innte. Inneach do ghéag do chuir snuadh ar do ghiall: saothar do dhá lámh bun crot chómh maith do bheith ort. Ná bí ag brath ar a thuilleadh innigh uaim-se .i. cabhair.

inneall: (**ineall, inneal**) *f.1.* gaiste, gléas ceárdaidheachta, iomchar, imtheacht, meón. Inneall bainte féir: sás iarainn chuige sin. Inneall franncach: gaiste nó sás chun beartha ortha. Seachain an gunna san, tá sé ar tinneall!: réidh leis an urchar d'imtheacht as. Tá gaiste na luch ar tinneall agam: curtha i dtreó a ngreamuighthe má theangmhaid leis. Gach nóimint den oidhche mhór fhada san a's é ag taisteal na leac oighreach a's an tsneachtaidh bhí sé ar tinneall ar eagla go dteilgfí i gcréacht é: ar aire go himshníomhach. Bí ar tinneall anois seo chughat an liathróid: ar do bhiorda. Cuir inneall éigin ort féin go mbeidh deallramh ort ameasc na ndaoine seachas na seanbhranngóididhe sin: éadach. Gearánann an Fhrainnc an Riaghaltas anois, gur ceal innill (cogaidh) budh bhun lé n-a hintreascairt: pé cóir budh ghábhadh chun cogaidh. Níl aon inneall gluaiste ort: nílir déanta suas 'n-a chóir. Tá inneall maith ar an mbád san, tuar maith farraige seadh í .i. gach gléas a oirfeadh di tá uirthe. An dá fhuirinn i lár an chróidh curtha in inneall i gcóir an chluiche: curtha i bhfearas. Ó, gan aon atharrughadh é, ar an inneall céadna fós: ar an imtheacht a's clódh céadna. Ar an slighe do chuireann sé bóthar de tá inneall fir mhaith fé: deallramh. Is baoghal liom go bhfuil inneall éigin ar bun aca dhuit, dréir mar chuala: beart éigin chun do dhíoghbhála. Is maith liom inneall an tighe: an chuma 'n-a bhfuil gach rud i dtreó.

inneallaim: (**innealluighim**) *b.a.* cuirim i dtreó, ullamhuighim, tiargabhálaim, cóirighim, beartuighim. Innealluigh thu féin i gcóir ár dtaistil: faigh gach aon rud atá ag tastáil. Is olc a hinnealluigheadh an long sar ar fhág sí cuan, a rian air, budh ghearr go raibh easbhaidh bídh ar a fuirinn: a cóirigheadh i gcóir a cuairde í. Inneallófar ósbuidéil lé gach rud a teastóchaidh uatha as airgead na Scuaibe: déanfar soláthar dóibh ar gach nidh a bhéas in easnamh ortha.

innealta: (**inneallta, ineallta**) *a.r.* socruighthe, in órd, réidh lé gluaiseacht, gabhtha, gléasta. Táir innealta i gcóir aon chathrach in Éirinn ar an uain seo: gléasta. Riamh ní raibh airm na dtíortha chómh hinnealta fé ghunnaidhibh a's lón cogaidh 'ná mar táid anois: gléasta: an oiread san agus a fheabhas san úirlisidhe aca. Bí ar bórd, tá an traen innealta, beidh sí ag imtheacht aon nóimint: réidh lé dul ar aghaidh. Mórán daoine adeir gur chóir do gach tigh a bheith innealta i gcóir an chogaidh seo maidir lé biadh dhe ar eagla go mairfeadh sé i bhfad: lón do bheith bailighthe isteach aca.

innealtacht: (**innealltacht**) *b.3.* órd, ar aiste bheith réidh, ullamh, gabhthacht, gléastacht. Chuirfeadh innealtacht an tighe anois áthas ar do chroidhe féachaint air: a fheabhas atá troscán, etc., i dtreó ann. Nuair bhuail an cogadh so ar dtúis ní rabhamair in innealtacht catha do chur, mar ná raibh breis na bhfear, an lóin ná na n-úirlisdhe againn: ullamh, réidh.

inneamhail: *a.* ábalta ar, i ndán, gustalach. Níl a bhac air breis do chaitheamh tá sé inneamhail: tá maoin aige. Nílim inneamhail ar san do dhéanamh, níl aon eólas agam ar connus: ábalta. An fear bocht ní raibh sé inneamhail ar theacht i dtalamh, theip an snámh air: i ndán.

inneóin: *b.5.* (-ónach, *iol.* –ónacha) bloc nó ceap iarainn ar a mbuailtear a's a gceaptar miotal; carraig chruaidh dubh. Chómh cruaidh lé hinneóin cheárdchan gach cnámh leis: an-chruaidh. Gob na hinneónach: an ceann caol cruinn di ar a lúbtar an miotal dearg. Luig (log) na hInneónach .i. an caladh atá ar an mBlascaod Mór. Cloch chómh cruaidh sin go mbainfeá glór inneónach aiste. A chroidhe sin chómh folláin le hinneóin: gan galar gan aicíd.

inneónadh: *f.* (*-nta*) bualadh ar inneóin, úrlaidheacht. Is mór an t-inneónadh nách mór do chrann iomchair chun a leasuighthe: úrlaidheacht: bualadh lé hórd.

innisim: (**innsim**) *b.a.* aithrisim, abraim, áirmhighim, eachtruighim. Ós fear mise a innseann an fhírinne, etc. .i. go mbíonn an fhírinne agam do shíor. An aimsir a inneósaidh cé bhuaidhfidh an cogadh .i. ní maith bheith ag tabhairt breithe anois. Innis scéal dúinn: aithris go mion dúinn é. Lámhacas é gan fhios, dar liom, ach bhí duine éigin ag féachaint orm a innis orm: a scéidh orm: adubhairt go ndeárnas é. Innis dom do chuideachta a's innseóchad duit cé thú féin: cuir síos dom ortha. Inneósaidh aonne dhuit as an spéir sin go bhfuil aimsir bhreágh chughainn: déanfaidh aonne fáistine ar an aimsir. Innis amach cad tá lé rádh agat: ná bí ag ceilt aon ruda. Inneósaidh an chneadh so rud fós .i. déanfaidh sí díth. D'ith sé an iomad a's d'innis sé air: rinne sé breóidhte é. I rith a mharthana ní inneósadh seisean .i. bíodh muinghin as a rún do choimeád. Ná bíodh aon mhilleán agat air, an t-aindiseóir, níor hinnseadh faic riamh do .i. níor múineadh é.

inniste: (**innste, innisighthe**) *a.r.* aithriste, eachtruighthe, ráidhte, curtha síos. Abair airís é a's é inniste cheana agat .i. tá na daoine bodhar agat leis. Tá sé inniste in aon fhocal amháin agat: an scéal go léir curtha in iúil in aonfheacht. Tá sé inniste san Scríbhinn Diadha: curtha síos. Dathad uair tá sé inniste duit fanamhaint sa bhaile: ráidhte: fógartha. Na rudaidhe a bhí inniste ge n-a shinnsear do: aithriste. Scéal inniste go sár-áluinn é sin: eachtruighthe. An chruadháil do deineadh ar dhaoinibh na háite ag soláthar rubair don gcomhlucht tá sé do-inniste: níor bh'féidir cur síos ortha lé n-a n-olcas. Tá inniste go ndeárnais gníomh iongtach: aithristear ort é.

innsint: *b.2.* do rádh, d'eachtraidhe, d'aithris, cóiriughadh. Ós ghá innsint d'fhear mhuinnteardha é, ní maith liom in ao'chor clann an tighe sin: eadrainn féin. Táir ag innsint na fírinne anois dá mbeifeá ag innsint éithigh riamh: an turus so chreidfeadh aonne thu. Tar innste scéil do a raibh de dhaoinibh láithreach: budh dheacair iad d'áireamh. D'fhág sé port in Éirinn, níor shroich sí a triall riamh ná fear innste scéil uaithe: beathach: neach níor tháinig saor. Bíonn dhá innsint ar gach ao'nidh: ní mar a chéile a chuirfeadh beirt cóiriughadh ar an gcúrsa céadna. Ná bí ghá innsint sin dómhsa .i. focal ní chreidfinn uait: beir do scéalta in áit éigin eile nó is maith is eól dom t'eachtra. Dá mbudh me thu ní abróchainn puinn sa tigh sin, bíonn siad ag innsint: ag scéidheachtaint. Ha há, a bhuachaill, tá an deoch ag innsint ort: is furaist aithint go bhfuil sí thiar agat. D'aitheófá ar an gcromadh atá ann go bhfuil an t-aos ag innsint air: ag teacht leis: ag goilleamhaint air. Innsint na caillighe mar is áil léithe féin atá agat: do chóiriughadh féin ar an scéal. Chuir súd innsint eile air: ní mar sin d'aithris sé é. An ag innsint bhur bpeacaidhe atáthaoi? deirtear go seanbhlastamhail lé daoinibh a bhís ag cogarnaghal nó ag cúlchainnt ós íseal. Níl an eachtra san as innsint fós: imthighthe i

ndearmhad. An méid seo lé hinnsint air go raibh sé macánta: lé rádh ’n-a thaobh. Is iomdha san innsint ’n-a cheann: eachtra.

innse: *b.4.* (*iol.* innseacha, innsidheacha) talamh íseal (go minic goirtín) ar bhruach abhann. Innse na gCat .i. an óir etc.

inteach: (**éigin**) (éic)inteach. Bhuail duine (éic)inteach liom.

intinn: (**inntin**) *b.2.* an tuigsint, an inntleacht, feart ciallaidhe an duine, meón, toil, claonadh, fonn, an aigne. Intinn mná idir bheirt fhear .i. bíonn sí luath doisheasta, neambuan. Ní dheaghaidh aonne riamh amach ar intinn mná: ní fios d’aonne cad é an cor do thabharfadh sí nó cad iad na smaointe a bhíos ’n-a hinchinn. Ní luaithe ar an ngaoith (Mhárta) ’ná ar intinn mná: chasfadh sí ar an dtoirt. Tá grádh gem chroidhe im intinn féin duit: aigne. An feall do deineadh orm fadó riamh d’fhan im intinn ó shoin: im chuimhne .i. ní leigfeadh mo smaointe uatha é. Sé an intinn a bhí agam fanacht annso go maidean: is é a bhí ar m’aigne. Ní lé haon droich-intinn duit adubhart nár mhisde dhuit éisteacht: drochthoil: ní raibh aon droichmheón agam duit. Ní bheinn ar intinn dul ann ach lé súil go bhfeicfinn thu: ní bheadh sé d’fhonn orm. Sin é an beannachadh ná fuil an intinn leis: an toil: nách ón gcroidhe. Dá mbeadh t’intinn ar do chasán, ní raghfá amugha: ag cuimhneamh ar cá rabhais ag gabháil. Tabhair t’intinn ar do leabharthaibh nó beir gan eólas: t’aigne: do smaointe. An bhfuilir ar intinn gluaiste?: t’aigne socair air. Is iongtach an intinn do an áit iargcúlta do shroichstint: meabhraidheacht. Níor shásuighis m’intinn fós, tá a thuilleadh go mb’fhearr liom a fhios agam: mothúilt aigne. Dá mbeimís ar aon intinn: aon aigne: dá mbeadh na smaointe céadna againn. An bhfuil an biadh san chun t’intinne?: an dtaithnigheann sé leat? Dá mbeadh t’intinn agam bheadh náire orm: an toil chun rud do dhéanamh. Dá mbudh me thu chuirfinn glan as m’intinn é, ní fiú smaoineamh air: as mo chuimhne. Cuireann a chuid cainnte bog-intinn orm: casadh im aigne: cuirid ag úirleacan me nách mór. Bhuail sé le hintinn me: a thoil ’sa dhícheall. Ní bheadh a fhios agat cad bheadh ’n-a intinn: is deacair dul amach air. Beidh tamall maith ann sara n-imtheóchaidh sé as m’intinn cuireadh an oiread san eagla orm: as mo chuimhne. Ná bí ar dhá intinn - dein é nó ná déin é: idir dhá chómhairle. Ná leig t’intinn lé neach, ná leig ort cad tá uait: ná nocht cad tá ar maoith agat. Is dóigh, mhuis, dá dhaingne ataoi ar chur fút san áit seo tiocfair ar malairt intinne fós nuair gheóbhair amach cad é an saghas áite é: claonfair ar atharrach aigne. Intinn lag atá aige is furaiste é d’atharrughadh: aigne: an fonn rud do dhéanamh, is cuma cad é a thoradh. Ar thugais t’intinn dóibh?: ar innsis dóibh cad bhí ar maoith agat? Téigheann san thar m’intinn: thar mo thuigsint.

intinneach: *a.* intleamhail, ag baint leis an intinn, leis an mothúilt sin sa duine go bhfuil braithstint, toil a’s machtnamh aice; croidheamhail, glic, tuigseanach, fiosach, intleachtach. Aon iongadh ní chuirfeadh sé orm ná go ndéanfadh sé an rud ceart, buachaill intinneach seadh é: gur feasach do machtnamh go cruinn soiléir. Ní féidir an duine úd do chasadh ar an gcunntas budh dhóigh lé duine, tá sé ró-intinneach: tuigseanach: i ndán gach rud do mheádh ’n-a cheart. Táir ró-intinneach dom, ní raghad ag áiteamh ort: breis incheann agat agus feart machtnaimh. Bhraithfeá annsan lé déidheannaighe air go raibh mearbhall éigin intinneach air: rud éigin bunoscionn leis an

inchinn air. Rud éigin ag déanamh gáirdis do go bhfuil sé chómh hintinneach gealgháirteach: girréiseach, aibidh.

intleacht: *b.3.* feart an mhachtnaimh nó na tuigseana, meabhair, stuaim, eolgaiseacht chun ceaptha, gliocas. Ní raibh ceal intleachta ar an té a cheap an compás: meabhraidheacht chinn. Níor bh'aon mhaith é d'fhágaint ar scoil, ní raibh an intleacht aige: stuaim: an cumas incheann chun foghlumtha. Dá mbeadh an intleacht cheart agat níor ghábhadh dhuit a thrí oiread ama ag gabháil do rud a thagann go sonaoideach ar an saoghal mór: an mheabhraidheacht tuigseana. Níl aon teacht anuas ar intleacht ban, nuair budh dhóigh leat iad do behith agat bheidís i bhfad uait: gliocas chun meallta.

intleamhail: *a.* stuamdha, beartuightheach, glic. Chuirfeadh sé iongadh ort a bhfuil de cheárdaibh aige gan dul riamh leó. Tá sé an-intleamhail: deaghmheabhrach: ábalta ar nidhthibh do dhéanamh as a stuaim féin. Pé teannta 'n-a mbeadh sé chuimhneóchadh sé ar sheift éigin chun teacht as: beartuightheach. Rudaidhe intleamhla ag teacht amach in aghaidh an lae ag breith bráighe ar a chéile: go bhfuil clisteacht ag baint lé n-a ndéanamh.

íoc: *f.3.* airgead a buailtear, an áirighthe sin féin bpúnt, ar cheanntar dréir meastóireachta an fhagháltais lé caitheamh ar ghnóthaidhibh áirighthe. "Níl cíos, íoc ná sraith air" .i. tá sé saor ó dhualgas. Tá an t-íoc ambliadhna a hocht déag fén bpúnt. Fear an íoca: an bailightheóir.

íoc: *f.3.* díolaidheacht, cúiteamh, do chúiteamh. An oiread maitheasa déanta agat dom ná féadfainn a leath d'íoc go deó leat: do dhíol: do chúiteamh. Pé duine a ólas é sé Dómhnall a íocas é .i. daoine áirighthe caithid díol i gcómhnaidhe. Ceart gach aonne a fhiacha dlistineacha d'íoc: díol asta. Indiu tá sé ag íoc as bhaois a óige: tá a bhuaidhreamh air.

íocaidhe: *f.4.* duine a íocas nó a dhíolas as rud. Íocaidhe maith é sin níl faic a thógaim ar cáirde ná go ndíolann as nó go gcúitigheann ar chuma éigin. Íocaidhthe an cheanntair: iad so go mbíonn ortha íoc do dhíol leis an lucht ceannais.

íocaidheacht: *b.3.* díolaidheacht, cúiteamh, slánughadh. Nuair tháinig an cáirde budh mhór leis an íocaidheacht: an méid a bhí air do dhíol. Deineann sé déirc a's carthanacht in íocaidheacht a pheacaidhe: cúiteamh. As an ndíoghbháil atá déanta agam déanfad íocaidheacht an oiread a's tá ar mo chumas: tabharfad mar shásamh as an méid a's féidir liom. Bhriseadar troscán a thighe, a's riamh ní bhfuair íocaidheacht as: díolaidheacht ná a mhalairt: slánughadh na díoghbhála.

íocaim: *b.a. 7 n-a.* díolaim as, cúitighim, slánuighim. Ar íocais leis riamh fós a bhó do mharbhadh léd ghluaisteán?: ar thugais a luach do nó aon rud a shlánóchadh an díoghbháil do. Ná bíodh aon dearmhad orainn ná go n-íocfam go léir as ár gcorthaibh lá éigin .i. gur bh'éigean dúinn iad do chúiteamh. Íocfar as na beartaibh seo fós .i. na nidhthe neamhghádhtaracha so beidh a n-aithreachas fós ar dhaoinibh tríd an méid buadhartha a leanfaidh iad.

íoctha: *a.r.* díolta, cúitighthe, slánuighthe, agartha, cómhallta. Nár gheibhead bás go mbeidh m'fhiacha íoctha agam: díolta: cúitighthe. Mo chortha a's mo bhearta baoise, fairír! is iad ná fuil íoctha agam: leórghnímh déanta agam ionta: cúitighthe agam. Budh cheart gur mhóide do thruagh dho na droichbhearta a rinne sé táid íoctha air ag aindeise a's buaidhreamh: agartha. B'é mo dhualgas cabhair do thabhairt duit a's níl íoctha fós agam leat: cómhallta: níl cóimhlíonta agam.

íochtairín: *f.4.* píothal do caithtear do thógaint gan cabhair bainne cích, truaghán, suarachán. Mar dheadh go bpósfaidh an scafaire mná san íochtairín ná raghadh go dtí n-a cromán uirthe: duine beag suarachán. Gan toirt madra ann, níl ann ach íochtairín 'e bhreis ar an gcuid eile den gclainn: truaghán beag.

íochtar: *f.1.* an chuid is ísle nó is sia síos, tuaisceart, bun, grineall, an chuid is sia anuas de bhall éadaigh, thíos, an chuid dheireannach. D'imthigh sé síos go híochtar na hÉireann: an taobh thuaidh: an tuaisceart. Bíonn an duine bocht in íochtar i gcómhnaidhe .i. gan úghdarás: fé chois: ar chur na ndaoine saidhbhre. Táim in íochtar agat .i. ar lár: leagtha treascartha. Ag déanamh na ronna dhuit ná fág in íochtar me: ar an roinnt is lugha. Meas madra ní bhíodh ar scoil orm, bhínn i gcómhnaidhe in (ar) íochtar na buidhne: ar an duine donn deiridh. Chuarduigheas a's fuaireas scilling bhradach in íochtar mo phóca: scilling gan súil léithe ar thóin mo phóca. Is truagh choidhche a chnámha geala bheith ar íochtar na farraige: ar tóin puill. In íochtar do bhí an t-iasc: doimhin síos ó bharra. Thosnuigh sé ag baint in íochtar an ghuirt: an áit budh shia ó bhaile dhe. Ceódh ar an gcnoc ó n-a íochtar go dtí n-a uachtar: ó bhun go barr. Thug an mála seasamh maith linn ghá itheadh, tá an t-íochtar againn: deireadh ithte. Chas sí rud éigin in íochtar a haprúin: 'n-a bhun thíos. Dhein meaintín íochtar nuadh glan dom dhribhshír: ball éadaigh ós na crománaibh síos. Iompuigh anáirde íochtar do thriubhais: an bun thíos. Fíor-íochtar ifrinn níl maith a dhóthain do: an chuid is sia síos de. Is fada ó íochtar trágha fós é: lag trágha. Tá pianta im íochtar ar fad: síos óm chrománaibh. Chonnaic sé long ag íochtar na spéire: íoghar na spéire. Is fearr an t-iasc in íochtar na habhann: in aice a béil. Táim in íochtar mo choda anois: i ngiorracht do dheireadh bheith caithte agam. Gheobhair in íochtar an tighe iad: an áit (seómra) is sia ón dteinteán. Cé hé an cearrbhach íochtair sa chluiche so?: an té is ísle cúigeann. Ceaca páirc do bhainfead, an ceann íochtair, láir nó uachtair?: an ceann ísle anuas ar thaobh árdáin. Ceannuigheann sé gach aonnidh ar an bpingin íochtair: ar an luach is ísle.

íochtarach: *a.* íseal, siar, tuaisceart. Fág na hainmhidhthe ar an dtalamh íochtarach: ná fuil ar thaobh cnuic nó síos ón dtigh. An chuid íochtarach den dtigh tógtha go maith: an chuid is giorra don dtalamh. Tá do dharadha ró-íochtarach don iasc: ródhoimhin san uisce. Fan íochtarach léd láimh: íseal anuas. Aon chao níl agam ar an gcluiche seo táim ró-íochtarach: rófhada (siar) chun deiridh. Ná díol t'ainmhidhe ar an méid sin, táir ró-íochtarach don luach atá ar siubhal: i bhfad fé n-a bhun. Daoine íochtaracha sinne lé dul i gcomórtas lé daoinibh móra: réadhchúiseacha: gan gustal. An lasca do fuair an chaid bhí sé ró-íochtarach a's níor éirigh sí puinn ón dtalamh: ró-íseal. Táir ró-íochtarach, ní shroichfeadh mo lámh thu, druid aníos liom: síos an iomad. Ós na conntaethibh íochtaracha in áit éigin do: ón dtaobh lastuaidh. Tomaisín an té is íochtaraighe sa rang: is

sia chun deiridh. Mise is íochtaraighe san imirt: is lugha go bhfuil déanta aige. Cé is íochtaraighe?: is sia anuas (síos) i ngiorracht do bhun, cnoc, farraige, abha, etc.

íochtaraighe: *b.4.* ísleacht, meathalaighe, suaraighe. Ní hé a íochtaraighe a tháinig leis ar scoil – dá ndeineadh sé aon dícheallacht ar dhul chun cinn: a fhaid chun deiridh do bhí sé. Ár n-íochtaraighe mar iascairidhe atá ag teacht linn ná bíonn seilg againn: ár n-olcas i gómhnáird lé n-a thuilleadh. Toisc íochtaraighe na nide a's ceal faide téide b'éigean a sroichstint do thabhairt suas: a fhaid síos ó bharr do bhí sí. D'iarraidh me do chongbháil in íochtaraighe do bheifeá, an eadh? féd bhun: féd smacht. Dá íochtaraighe bhéarfair greim air is mó do bhuanacht air: dá ghiorracht don dtalamh seadh is fearr do bharróg tógala air.

íochtarán: *f.1.* duine fé smacht, fé bhuannacht. Sinne na híochtaráin, iad san na huachtaráin .i. táid-sean os ár gcionn, go bhfuil orainn géilleadh dhóibh. An dóigh leat gur íochtarán mise agat?: gur féidir leat do thoil d'imirt orm. Nílir it íochtarán aige ar aon chuma .i. ní fearr é ar aon tslighe 'ná thusa.

íodhbairt: *b.2.* toirbhirt do Dhia ar an altóir ag sagart; rud go mbeadh lúib istigh ann do thabhairt suas, nó scaramhaint leis ar son duine nó cúise. Friotháil íodhbairt an Aifrinn naomhtha ar son leasa t'anama. "Agus déanfaidh tú ar an adhbhar san íodhbairt na Cásca dot Thighearna Dia den tréad a's den airghe, etc." (Deut. XVI. 2) ainmhidhthe do mharbhadh a's do thoirbhirt ar altóir chun Dé. "Anois, an t-am chríochnuigh Solamh a ghuidhe tháinig an teine anuas ó neamh agus dhóigh sí an íodhbairt loisce agus na híodhbartha agus do líon glóir Dé an tigh" (II. Croin. VII. 1): altughadh do Dhia. Is ait atá mo shaoghal caithte agam ghom íodhbairt féin ar son clainne nár fhéach siar riamh orm: ghom reic féin: ghá chaitheamh ar a son. Cad is íodhbairt an aifrinn ann? Is iomdha fear maith ghá íodhbairt féin sa chogadh uathbhásach so ar son a dhualgais dá thír: ag tabhairt a anama ar a son.

íodhbraim: *b.a. ₇ n-a.* toirbheirim íodhbairt. D'íodhbróchainn m'anam ar do shon lé cion ort: d'fhonn do mhaitheasa scarfainn lém anam (mo bheatha). D'íodhbróchainn m'anam leat dá ndéinteá aonnidh as an slighe orm: gheóbhainn bás níos túisce 'ná leigfinn leat é.

iodh(anna): Brathaim iodhanna an bháis ag teacht orm: pianta uathbhásacha.

íogair: *a.* dian, géar, leóchaileach, scleóndarach, dúthrachtach. Níl aon bhall de bhallaibh na beatha is íogaire ná an tsúil ná is fusa do ghortughadh: leóchaileach: mothálach. Nách íogair ataoi lé daoinibh indiu, ní mór gur féidir focal den gcainnt do thabhairt duit: colgach: sothógtha. Pian íogair trí fhiacail liom ná leigeann néal (chodlata) orm: géarthinneasach. Bír ró-íogair ar an leanbh san, ná bí ag gabháil de mar sin ar gach cor: ródhian. Duine íogair seadh é, ní mór an seódh do thógfadh sé ó aonne: braithteólach: mothálach. Táir íogair chun oibre anois nuair tá sí ar fad déanta nách mór: fonnmhar: dúthracht. Labhair sé go híogair linn toisc ná rabhamair dár n-iomchar féin agus gheall smísteáil dúinn: go géar. Níor mhaith liom rud chómh híogair leis do dhéanamh gáire ar thórramh: bunoscionn. Rud íogair go maith rómham scéala bháis a n-athar d'innsint dóibh: a chuirfidh tinneas ortha. Oidhche íogair dob eadh í má tháinig a lithéid riamh,

gaoth a's sneachtadh dár ndalladh: fíochmhar: a gheóbhadh trí dhuine. An chainnt íogair do tháinig uaidh chuirfeadh an ghruaig 'n-a seasamh ar do cheann, ainm Dé 'n-a bhéal gan staonadh: míriaghalta, gáirseamhail. Tá an tsíorraidheacht ró-íogair lé tuigsint dúinne: ródhiamhair: ródhoimhin.

íogaireacht: *b.3.* déine, géire, mothúltacht, cruadhálacht, colgacht. Íogaireacht na ceiste ní raibh aon dul agam ar í d'fhreagairt. An íogaireacht a bhí im shúil nuair chuaidh rud éigin fúithe: an tinneas géar a chuirfeadh lé báine duine. Ghaibh íogaireacht na hoidhche úd tríom im aonar sa tigh a's an corp annsúd ar an mbórd: diamhaireacht: uathbhás. Is beag, ach bleaigeárd ar a nós féin, a fhoidhneóchadh a ráidhte gáirseamhla ós chómhair ban, lé n-a híogaireacht: a gráineamhlacht lé clos. É ag gabháil go neamhthrócaireach ar an asal bocht, mairceach, budh ghránda an íogaireacht é: cruadhálacht: an fonn chun péine do thabhairt.

iogán: *f.1.* mála an bhídh in éan. Níl ann ach an scrogall 'san t-iogán .i. bocht, seang, seirgthe. "Is fearr sop in áit an aráin 'ná an t-iogán follamh": is fearr aon tsaghas bídh sa ghoile 'ná é bheith gan faic ann.

iogán: *f.1.* pluc, port. Tuitfidh an falla san, tá iogán air: pluc: tá sé éirighthe amach in áit áirighthe ón gcuid eile den saoirseacht.

íoghar: *f.1.* líomnadh, clódhchruth. Sé íoghar atá air siúd gur droichmhianach é: an aradha atá air: foillsigheann gach líne dá cheannaghthaibh é.

íogras: *f.1.* ionnracas, macántacht. Is breágh d'fhear an íograis é, sealbhóchaidh sé ríoghacht na bhflaitheas má shealbhuigheann aonne í: an duine ionnraic. Seasaimh ar an íogras i gcómhnaidhe 'sis fearrde thu é: ar an macántacht. Imir cluiche íograis: cluiche díreach gan cham.

ilphianta: Leanann ilphianta an t-ólachán .i. is iomdha dochraid do ghní sé.

iolghránda: *a.* róghránda. Scannruigheadh an t-anam as nuair chonnaic sé an truth iolghránda ag déanamh air: an amhailt mhíochúmtha, úrghránda.

iolmhaoine: *b.4.* mórán gustail a's cumais. Táim gan iolmhaoine a's a chuma orm: gan rachmas an tsaoghail.

ioltrachas: *f.1.* earrad, easaontas, conspóid. Focal ní bhíonn eadrainn lé fada, táimíd in ioltrachas: in earrad. Scaoileas tharm é, ní raibh aon fhonn ioltrachais orm leis: fonn argóna. Claoidhimís lé chéile, is é an náire dhúinn é, daoine muinnteardha, aon ioltrachas do bheith eadrainn: easaontas.

iomad: *f. n-dh.* mórán, cuid mhaith, go leór, dóthain, breis. Go raibh do dhóthain agat, ach ní ghuidhim an iomad duit: breis a's ná teastuigheann uait. An iomad!: stad! ná tabhair a thuilleadh. "An iomad den aithne a mhéaduigheas an tarcuisne" .i. bheith róchoidreamhail ar dhuine, rud nó áit. Fuaireas an iomad den lá: chuir an lá breis a's mo

dhóthain duaidh orm. Iomad den saoghal dá fhagháil ag daoinibh gan bac le cogadh: a ndóthain mór lé déanamh aca maireachtaint. Thugais an iomad ar an dtigh .i. oiread a's nár bh'fhiú é. Dálta an scéil bíonn an iomad cainnte aige: bíonn sé ró-bhéalscaoilteach nó labhrann sé breis a's nár ghábhadh dho. An iomad láin ar fad a bhí fútha, mara mbeadh san ní thárlóchadh aon dochar dóibh: éirghe anáirde a's fearaidheacht thar ceart. Is maith an rud smut, ná bac an iomad: is í an mheónaidheacht is fearr. "Cad tá ort?" – "an iomad": oiread a's nách beag liom. An iomad céille ar fad atá aca san go raghaidís ar rinnce ná ar shiamsa .i. dar leó ná fuil ann ach aiteas. An iomad teasbaigh a bhí ort gur goirtigheadh thu .i. ceal srianach do chur leat féin. Tá an iomad dem aois-se tagtha anois chun aon nirt do bheith ionam: cuid mhór, mhór. Ní bhruigheanfaid sin in ao'chor, tá an iomad aithne aca ar a chéile: is cuma cá spocaireacht a bhíos eatartha táid sárdhéanta ar a chéile.

iomadach: *a.* tóirtéiseach, lánmhar, mórdhálach, uaibhreach, sotalach. Téigheann na daoine sin im ghoile táid ró-iomadach gur dóigh leo gur leó an talamh go siubhalaid air: sotalach: lánmhar. Cad fáth an t-iomchar iomadach ná labharfá leis na daoinibh, cad iad na hiongtaisidhe atá déanta agat 'e bhreis ar aonne eile: an t-imtheacht tóirtéiseach. Bean iomadach ná coidrigheann a cómharsain: ró-mhórdhálach aiste féin. An oiread san ar fad do bheith déanta agam fén oidhche? tá san ró-iomadach dom: oiread é sin a's ná féadfainn nó a chuirfeadh an oiread duaidh orm a's nár bh'fearrde me é. Tá sé iomadach ar an ndochtúir do bheith amuigh de ló agus d'oidhche ag friotháilt: ródhian air a dhéanamh.

iomadamhail: *a.* líonmhar, anfhlúirseach. Toisc na droichbhliadhna ní raibh ubhla iomadamhail ar chrannaibh: ní raibh cuid mhór díobh ann. Níor bh'iongadh sochraid mhór do bheith aige mar is iomadamhail iad a cháirde: líonmhar: fada, fairsing. Ceal cainnte ní thiocfaidh leis, tá sí aige go hiomadamhail: go flúirseach. Níl an ghruaig ró-iomadamhail ar mhullach do chinn .i. tá sí tanuighthe. Bhí iasc chómh hiomadamhail sin ann nár bh'fhéidir salann d'fhagháil do: flúirseach. Bímís muinghineach mar is iomadamhail iad grásta Dé: mórchuid ghroidhe díobh ann. B'iomadamhail leis a bhíodh daoine ag teacht ag lorg air gur éirigh sé tuirseach: oiread a's ná féadfadh teacht air. Ná bíodh aon truagh agaibh don méid a chaithfidh sé, tá airgead chómh hiomadamhail aige a's tá gainnimh ar thráigh bháin: níl teacht anuas air. Is iomadamhail a thugais leat é (seanbhlas): go raidhseach: flúirseach.

iomadamhlacht: *b.3.* flúirse, líonmhaireacht, raidhse, neart, breis. Ní hag dul in iomadamhlacht atá na daoine san áit seo mar ná fuiltear ag pósadh: ag dul i líonmhaireacht: i méid. Iomadamhlacht na bhfear do bhuaidh dóibh a's ní hé a bhfeabhas: breis díobh do bheith aca. Iomadamhlacht grás Dé, moladh go deo leis: líonmhaireacht: an oiread san gan teóra. Laguigh luach an éisc lé n-a iomadamhlacht: an oiread san thar meón do bheith ann de. Má sé an t-uisce an iomadamhlacht is í an bhean is tánaiste dhe .i. más flúirseach fairsing don uisce tá na mná líonmhar freisin. Níl an iomadamhlacht airgid agam ambliadhna a's caithfead tarrac caol air: raidhse. Ó tá an iomadamhlacht agat roinn lé daoinibh gan faic: an bhreis. Le hiomadamhlacht na ndaoine bhí an talamh an-mhionroinnte: líonmhaireacht: an iomad don méid talmhan.

iomadughadh: *f.* (*-uighthe*) méadughadh, breisiughadh, flúirsiughadh. Tá an marbhadh ag iomadughadh gach lá leis an ionsaidhe aoir: breis na ndaoine ag tuiteam leó. Ó bhliadhain bliadhain bhí na coinínidhe ag iomadughadh ann go dtí nár fhágadar ruibe féir san áit: ag breisiughadh: ag síolbhughadh go líonmhar. Caithfead stríocadh dá fhaid do sheasuigheas é toisc an obair bheith ag iomadughadh orm: breis di in aghaidh an lae.

iomaduighim: *b.a. 7 n-a.* méaduighim, breisighim, flúirsighim. Toisc a theirce do bhí an fiach dubh ag éirghe toisc daoine a bheith ag coilleadh a nead ritheadh dlighe 'n-a choinnibh sin d'fhonn agus go n-iomadóchaidís: go bhflúirseóchaidís. Faid na slighe a iomaduigheas an t-ualach: a bhreisigheas .i. taidhbhsigheann sé róthrom lé hiomchar. Mara mbaintear an fiadhaile ambliadhna iomadóchaidh sé i gcóir na bliadhna so chughainn: méadóchaidh.

iomaidh: *b.2. 7 3.* comórtas, cómhrac, iomardas. Is fada in iomaidh lé chéile iad ag déanamh armála: ghá fhéachaint lé chéile. Ní iomaidh comhthrom é idir fhear agus gharsún .i. iarracht d'iarraidh an lámh uachtair, seilbh, nó buaidh do bheith ag duine ar a chéile. Maith go leór, ní bheadh aon locht agam air, tá sé ag iomaidh: ag dréim, ag dul ar aghaidh 'n-a iarracht. Thugadar tamall mór ag iomaidh, ag gabháil stealla ar a chéile: ag cómhrac go dian. In iomaidh peile is deacair an ball do chur ortha: i gcomórtas.

iomaidheacht: *b.3.* dréim ar an rud nó an duais chéadna; coimheascar ar son an ruda chéadna do ghnóthughadh. Iomaidheacht dhian idir an dá fhuirinn níor bh'fhiú trácht ar a raibh d'fheabhas eatartha: coimheascar: iad ghá fhéachaint lé chéile ó thalamh. Iomaidheacht ar cheol a's iomaidheacht ar rinnce: comórtas, tástáil ar eólas idir bheirt nó breis. Bhíodar go dian in iomaidheacht a grádha: ag éileamh ar a ndícheall ceaca dhíobh go mbeadh an bhuaidh aige.

íomháigh: *b.2.* samhail duine nó ruda greanta, tairngthe nó dathuighthe, dealbh, samhail shuarach; duine nó rud díreach mar, nó cosamhail lé, ceann eile; crutaon; cosamhlacht. Nách é an t-íomháigh greanta é: duine leice: gur dhóigh leat dá bhfaigheadh ósbairt dá luighead go dtuitfeadh as a chéile. Nách é Tomás 'n-a íomháigh é: 'n-a chrutaon: 'n-a aithbhreith: níl aon oighre air ach é. Íomháigh Chríost, Naoimh etc.: cosamhlacht nó dealbh tairngthe nó greanta nó dathuighthe. Fág as san uaim, a íomháigh, ní bheinn ag féachaint ort: duine gan anam ach oiread lé dealbh. "Íomháigh an bháis an codladh" .i. duine 'n-a chodladh sé cosamhlacht is giorra do mharbhán é. "Do chruthnuigh Dia an duine 'n-a íomháigh féin": 'n-a chosamhlacht féin. Dá mbeadh céile fir uaim ní híomháigh mar thusa a thóghfainn: samhail shuarach, duine ná fuil air ach crot an fhir. Nách é íomháigh an ocrais é .i. an té go bhfuil cuma an ocrais air. Lándeimhnightheach do bhíos go bhfeaca an duine sa doircheadas, ach ní raibh ann ach íomháigh intinne: samhladha. "Cé hé darb íomháigh so?" (Matha XXII. 20): gurb é seo a dhealbh.

iomáin: *b.3.* tiomáint, imirt liathróide lé camánaibh. Cluiche iomána .i. dhá fhuirinn ag imirt liathróide i gcoinnibh a chéile lé camánaibh. Ag iomáin bó: ghá seóladh: ghá gcur ó áit go háit eile.

iomaire: *b.4.* éirghe (talmhan, cré etc.) fada, caol a's fánaidh ar a dhá thaoibh, drom fada, caol, cnuic; "cúig láidir", tréith nó cáilidheacht go sáruigheann duine innte. "Trí fir fiolar, trí fiolair iomaire chriathaigh, trí hiomairidhe criathaigh deireadh an domhain", iomaire criathaigh, iomaire mhór leathan a fhan gan baint in aimsir an drochshaoghail, tá a rian go soiléir fós ann. Iomaire phrátaidhe, bhláth, etc. Rómharadh gach aonne a iomaire féin .i. tugadh gach duine aire dá chúram féin amháin. Ag argóint ní raghainn leat ar Ghaedealaing, sin í t'iomaire-se: in eolas uirthe sin do sháruighir-se ar chách. Ná croith do cheann, is maith is eól dom go bhfuil na hiomairidhe ag teacht im éadan: ruic. Iomaire idir an dá pharóiste: cnoc íseal, caol.

iomaireach: *a.* go n-iomairidhibh, rocach. Mo cheannaghtha mílítheach, iomaireach: rocach. Nách neamhréidh, iomaireach an pháirc í sin: rian na n-iomairidhe gan baint innte.

iománaidhe: *f.4.* imirtheóir, imirtheóir iománaidheachta. "Is maith an t-iománaidhe a bhíos ar an gclaidhe" .i. an té a bhíos ag amharc ar an gcluiche is é a dhéanfadh so súd, deirtear, leis, le haonne a bheadh ag maoidheamh dá mbeadh féin in ionad dhuine éigin gur theip air nó gur éirigh cinneamhaint do go ndéanfadh sé na huirc a's na hairc.

iománaidheacht: *b.3.* an cluiche himirtear le camánaibh a's liathróid.

iomar: *f.1.* árus fada, cuasach chun uisce nó a lithéid do chongbháil; árus cloiche i gcóir baistighe; lag. Iomar sa tsáipéal go mbíonn uisce coisreac ann. Iomar adhmaid chun bídh do chongbháil d'ainmhidhthibh: árus fada, caol go mbíonn a bhéal níos leithne ná a thón. Anois nó riamh atáim in iomar na haimiléise: i gcorplár na haindeise .i. i ndraip cheart. Iomar ionlaidh: árus nó báisín chun cos do nighe ann. Iomar folcaidh: árus fada doimhin lé haghaidh nighe an chuirp. Nuair bhítheas ag taighde sa tseanroilig fuairtheas cloch go raibh iomar n-a lár: lag. Tá iomar sa bhád go raghadh a thuilleadh éisc ann: áit fhollamh.

iomarbháigh: *b.3.* conspóid, diospóireacht, dréim, easaontas, argóint. Dá dtéighinn in iomarbháigh chainnte leis buillidhe a thiocfadh as, mar sin ceapfad mo shuaimhneas: cath aighnis. Táim in iomarbháigh lé héill na bróige seo: d'iarraidh í do scaoileadh a's ag dul díom. Focail chruaidhe im theangain dúthchais 'sis baoghalach dá mbeinn in iomarbháigh leó go deireadh mo shaoghail go raghaidís díom: d'iarraidh a míniughadh 'n-a gceart. Iomarbháigh éigin idir an mbeirt nár thuigeas mar bhíos rófhada uatha: argóint. D'éirigh iomarbháigh idir an mbeirt fheirmeóiridhe mar gheall ar chlaidhe teórann: achrann.

iomarbháigheach: *a.* achrannach, easaontach, imreasach. Bíonn imirt iomarbháigheach agaibh a's níl aon ghnóth ag fear síothchána eadraibh: achrannach. Iad go hiomarbháigheach d'iarraidh na breise do bheith ges gach aonne aca: imreasach: gan réidhteach ar bith eatartha. Rud iomarbháigheach seadh airgead má ránguigheann i dtreis idir dhaoinibh: a thairngeas imreas 'n-a thriall. "B'fhearr liom" ars an fear, "gan mo thuairm do thabhairt ar an gcogadh so, rud ró-iomarbháigheach seadh é, agus ní fios cad thiocfadh as": deallramhtach go leanfadh imreas a's easaontas é. Sleachta iomarbháigheacha ná réidhtigheann eatartha féin ná le haon dream eile: imreasach: easaontach.

iomarca: *b.4.* breis, thar ceart, an iomad, anchuid. Ní measa dho rud atá air ’ná an iomarca airgid do bheith aige ó chuir sé ar a aimhleas é: oiread a’s ná raibh ganntar aca leis. Iomarca bídh a bhí caithte aige a bhreóidhtigh é: an oiread a’s nár chall do nó ná féadfadh sé do dhíleaghadh. Ná raibh an iomarca agat ach ná raibh aon easbaidh ort .i. ná raibh agat ach an méid a oirfidh duit. An iomarca measa a laiteann duine: éirghe anáirde. Bheadh an iomarca caithte aige .i. breis a’s a choisce dighe ar iomchar aige. Is fada mo thír fé iomarca bróin a’s atuirse: an iomad uirthe lé fulang. D’imthigh sé leis an iomarca: oiread a’s nár cheart do, nár ghábhadh dho nó ná raibh ag dul do.

iomarcach: *a.* breiseamhail, míochuibheasach, róraidhseamhail, go fuidheach, tóirtéiseach, leacsteámarach, úghdarásach. Ná tóg an scéal chómh hiomarcach san, níor mheádhas aon easonóir duit: chómh goilleamhail: chómh mór ar do chroidhe. Cuireadh ualach iomarcach ortha, b’shin é fáth a stailce: ualach thar a riocht d’iomchar. Ná tóg na clocha go hiomarcach: breis díobh in aonfheacht. Árdán iomarcach é seo d’ualach do bhreith air: mós maith é do thriall. Fuair sé suim iomarcach airgid in aonfheacht a’s níor bh’fheas do cad é an chrích do chuirfeadh air. Tráthanna iomarcacha oibre do sclábhaidhe deich n-uaire an chluig sa ló: míochuibheasach, thar meón ar fad. Goilfir go hiomarcach fós ar aon lámh do chur sa duine bhocht san: go fuidheach. Bhuail sé chughainn isteach an gaige iomarcach tinne ar a chuid cainnte, feádhanna nár dhual do fé gur dhóigh leat nár leag súil ar neach againn ’n-a shaoghal roimhe sin: lántóirtéiseach: leacsteámarach. Beir leat, a mhic ó, ná leigfinn-se leat labhairt chómh hiomarcach san liom a’s go gcuirfeá órdughadh orm im thigh féin: ceannárd. Ní labhradh clann an bhaile mhóir linn clann na tuaithe, bhíodar chómh hiomarcach san ionta féin as éadach breágh a’s rud do bheith ortha, nár bh’ionann a’s sinne: tóirtéiseach. Níor bh’iomarcach leis siúd dul ag cainnt leis an uachtarán gan chead gan ceileabhradh: níor bh’ughdarásach leis.

iomarcamhail: *a.* flúirseach, líonmhar. Sméara go hiomarcamhail ambliadhna, gach tor sceach crom leo: flúirseach. Loingeas aoir ag teacht go hiomarcamhail ar Lonndain an uile oidhche: ’n-a scataidhibh troma. Na turusanna iomarcamhla a thugadh sé ar na tighthibh tábhairne a dhein a dhíth: an mórán mór turus.

iomard: *f.1.* buaidhreamh, mísheól, iarsma, cimiar, iarlais, donas. Cad é an t-iomard atá anuas ort, a leinbh, ná fanfadh socair: rud éigin bun os cionn: rud éigin atá ghod leanamhaint gur deacair a thuigsint. Nách mór an t-iomard an triúr san do bháthadh airéir: an mísheól: cinneamhaint olc. Buaileadh lé cloich sa tsróin é a’s é óg a’s d’fhág san iomard lé n-a shaoghal air. Tá cor cam ó shoin innte: cimiar. Iomard d’aonne imtheacht ar aonach ar dheireadh ar bhóthar fada: donas: bráca: cruadhtan: duadh. Iomard i dtigh seadh capall stailce: iarlais: ciotaighe: fulang. Dá mbeadh iomard lé tuiteam ar aonne is air do thuitfeadh sé: mío-ádh: tionóisc. Mara gceapair do shuaimhneas cuirfidh duine éigin iomard ort: máchail a leanfaidh thu. Ná feicir ar dubhobair anois é ná cuir aon iomard air: ná tair treasna air lé haon rud a chuirfeadh as do. Níl aonne gan a iomard féin, féach eisean ghá mharbhadh féin lé hólachán: leathtrom: tubaist, aindeise. Iomard éigin ar an mbróig seo ná raghadh sí orm: rud éigin as an slighe. Leig díot gach iomard a’s bímís meidhreach: gach buaidhreamh. Sin fear go bhfuil iomard ban air: iad ag déanamh buadhartha dho d’iarraidh duine aca do bheith aige. Bean a’s iomard leinbh uirthe: í ’n-a

luighe seóil. Is mór an t-iomard do chuireann an saoghal air: gheibheann sé mórchuid dá dhuadh gan fáth ná adhbhar leis. Cuirfidh an ciota mór san iomard ort é d'ól: duadh mór. Iomard mo mhná atá ag cur tinnis orm: pé rud atá ag cur as di. Ní hiomard liom-sa é sin do dhéanamh duit: suim ar bith ní chuirim ann. Is iomdha iomard a chuireann an duine féin air féin .i. tairngeann daoine ortha rudaidhe gan aon chall aca leó. Buidheach 'o Dhia níl iomard cuirp ná aigne orm: saor ó bhuaidhreamh. Ná bíodh iomard pósta ort, bí foidhneach gheóbhair bean: ná cuireadh sé bráig ort. Iomard súl, droma, cos, géag etc. Is trom é iomard na beatha: duadh maireachtainte. Gabhaim cuid det iomard orm: téighim chun do thárrthála. Tá mo dhóthain d'iomard cheana orm gan tusa do bheith ag cur bráige orm: duadh mo dhóthain gan tusa do bheith ghom bhuaidhreamh leis. Iomard na bpeacaidhe lá an bháis; sin an fhadhb: an buaidhreamh san t-imeagla.

iomardamhail: *a.* duaibhseamhail, deacair le saothrughadh, donasach, iarsmach, máchaileach, cimiarach. Baile iomardamhail é siúd, cumhang, achrannach, míochomhthromamhail: deacair lé saothrughadh. Laetheanta tagann an obair iomardamhail orm nuair bhuaileann ball cruaidh liom: duaibhseamhail, callóideach. Maidean iomardamhail aca seadh í, a ndaoine báidhte: buadhartha. Na súile go hiomardamhail agam, in aghaidh an mhí ag dul go dtí dochtúir leó: ag déanamh buadhartha a's aindeise dhom. B'fhearr d'aon chuideachtain céad míle uatha é, bíonn sé chómh hiomardamhail sin, fonn iomarbháighe a's coimheasacair air: callóideach: toirmeascach. Leanbh iomardamhail dob eadh é riamh: thugadh sé mórán duaidh d'aonne go mbíodh aon bhaint aige leis. Cómharsain neamh-iomardamhla iad san, bréag ná scéal ní chuirid ar aonne: míne, macánta. Gheibheann an duine bocht an Ghaedhealaing iomardamhail lé foghluim: deacair, dian. Socruigh an t-ualach ort ar an slighe atá, tá sé ró-iomardamhail: deacair d'iomchar ar an gcuma go bhfuil sé suidhte. Is iomardamhail na hoidhcheanta atá aca i Lonndaoin fe lathair d'iarraidh codailt i scartachaibh nó in aon tsaghas dídin le heagla teine ón aer: guardalach, buadhartha. Is fada cos iomardamhail aige, atá ag sileadh gan stad: galarach. Tá an cnoc ró-iomardamhail dom, mo thuairm, b'fhearr dom gan tabhairt fé: iomarcach: duaibhseamhail. Ceaca is iomardamhla rann nó peann?: is mó go leanann duadh é.

iomcháin(eadh): *f.* (*-te*) lochtughadh, aithis, imdheargadh, toibhéim. Budh mhaith liom fios d'fhagháil fáth m'iomcháinte i dtaobh nár thógas rud ná raibh aon bhaint agam leis toisc go dtógfadh duine eile é: bheith ag cur milleáin orm go héagcórach. Fuair sé iomcháineadh ón gcigire toisc ná raibh obair na scoile chun a shástachta. A lithéid d'iomcháineadh a's thugadar ort a's ar do chlú, toisc ná fuaireadar aon chao ort a dtairbhe do bheith asat: masla a's lochtughadh. Tá a fhios agam-sa go maith gur deireadh na maitheasa iomcháineadh: dá mhéid do thabharfá uait ach teipeadh aon uair amháin, a's níl lé fagháil agat ach masla a's tarcuisne. Sasana ag iomcháineadh na Frainnce anois dá mhéid a dhein sí dhi, ó theip sí uirthe: ghá maslughadh go goirtightheach, éagcórach. Rún caile go hiomcháineadh: tugtar masla do mhnaoi a's scéidhfidh go deimhnightheach. Cad eile é dhúinn ach cúis iomcháinte an déanamh a gheibheas na boicht uainn: cúis aithise a's náire.

iomcháinim: *b.a.* masluighim go tarcuisneach, lochtuighim, imdheargaim. D'iomcháineann an páipéar nuadhachta lucht ceannais na cathrach toisc a shailicheacht a

bhí cuid des na sráideannaibh: chuireadar in iúil gur aithiseach an rud dóibh a lithéid do lamháilt. An lá ná faigheann sí siúd an nidh a bheadh uaithe, d'iomcháinfeadh sí leis an ndúthaigh thu: mhaslóchadh: mhilleánfadh sí gan chúis gan adhbhar. Ná hiomcháin aonne a ghníos a dhícheall: ná milleánaidh: ná lochtaidh.

iomchar: *f.1.* do bhreith, d'fhulang, imtheacht, fuadar, stiúrughadh, iris, cóir, an luadh nó eile i gcóir daradha; luath ar chile báid chun a coimeádta socair, réidh, cóir ghluaiste, ualach. Ar an iomchar maith atá fén ngarsún san éireóchaidh leis sa tsaoghal: dréir a bhéas: fuadar: imtheacht. Is olc an t-iomchar bheith ag teacht treasna ar dhuine a's seilbh chainnte aige: na béasa. Níl aon iomchar maith fén oidhche, tá sí ag tosnughadh ar shéideadh!: fuadar: imtheacht. D'imthigh sé go holc, agus ní ghá chasadh leis é, sin é iomchar a bhí lé fada fé: na bearta a dheineadh sé agus na béasa a chleachtadh sé. Ní fios do lucht mí-iomchair cad is ceart dóibh do dhéanamh: an dream a chleachtas bearta nách cóir nó béasamhail. Ní gábhadh a innsint dom mar is fada is eól dom "é do bheith ar iomchar agat dom": drochaigne. Ná bíodh aon eagla ort go bhfuil "aon rud ar iomchar agam duit": olc: faladh. An rud a bhíos ar iomchar againn foillsighimíd luath nó mall é: ár n-aiste aigne. Dá gcuirfeá iomchar ar do mhac ní bheadh na droichbhhéasa aige atá aige: smacht. Dein tú féin d'iomchar mar dhéanfadh fear maith, nó b'fhéidir go n-inneósfainn-se dhuit: cleacht malairt slighe id bheartaibh liom-sa nó cuirfead-sa rud éigin in iúil duit ná taithneóchaidh leat. Lucht deagh-iomchair: daoine meastamhla, grásamhla. Ní bhfaghfá chun iomchair in ao'chor é: níor bh'fhéidir leat a's do dhícheall do dhéanamh go gcleachtfadh slighe a's béasa ná déanfadh bráigh do chur ar chách. Chlip sé agus chráidh sé me lé fada an lá anois ná féadfainn iomchar a thuilleadh leis: fulang: foidhneamh. Bíonn na bochtáin ag iomchar leó chómh maith in Éirinn a's fhéadfaid: ag strácáil. Cad é sin ar iomchar agat féd chasóig?: ghá bhreith leat. Ag iomchar na haindeise mar is gnáthach liom, sin é mar tá agam: ag bruic léi. Bíonn rothair ann agus iomchair ar a dtosach chun earraidhe do bhreith ó áit go háit: gléas chun mionrudaidhe do choimeád. Tá an ciseán gan aon iomchar: aon rud i bhfeirm cluaise go mbéarfá air. Cad é an t-iomchar a bheidh agat-sa ag dul 'on tsochraid?: cóir do bheartha leat? Iomchar róthrom don ndaradha éadtrom an luadh mhór san: meádhachain luaidhe chun iascaigh nó grúntála. Is beag iomchar ar ól aige: níl sé i ndán é do bhreith leis gan bheith ar meisce. Duine gan aon iomchar seadh thu: duine a fhoillsigheas gáirseamhlacht de ghnáth. Dá mbeadh iomchar fén mbád san ní bheadh sí chómh corrthónach: meádhachain (luaidhe) fé n-a cile. An bhean ag iomchar leinbh: 'n-a mnaoi thruim. Lé fiche bliadhain tá sé ag iomchar na bhfód: sa chré. Is fada imthighthe ó iomchar é: ó smacht. Bíonn scian ar iomchar aige .i. bíonn scian chun drochoibre. Níl puinn ar iomchar indiu aige: puinn ólta. Bhéarfad iomchar duit má thagair 'on trucaill seo: marcaidheacht: síob. Beir dhá iomchar ar chómhlainn 'n-a dhiaidh mara leigir do féin: goirteóchaidh sé thu. Ní bheadh sí ag iomchar chlainne d'fhear chómh beag mheas air féin .i. d'fhág sí é. Connacthas dóibh ná raibh an bád ag iomchar na farraige agus ceapadar go rabhadar críochnuighthe: i ndán an drochfharraige do sheasamh. Ní bheinn ag iomchar a chuid tarcuisne: ag foidhneamh léithe. Tá an iomad dhá iomchar agat: ualach rómhór ort nó tú ag bruic lé hiomad aithise. Tóg iomchar lé foghluim: an chuma smachtuigheann duine é féin. "Mustar gan ghustal is deacair é d'iomchar" .i. éirghe anáirde gan tacaidheacht leis ní dual do dul go maith.

iomcharach: *a.* deaghbhéasach, deaghmhéineach, fuilngtheach, foidhneach, faidtheadhlach. Buachaill iomcharach sin i ngach áit da ngaibheann a's meas gach aonne air dá bharr: deaghbhéasach. Ar an bpriocadghail a's an sceamairt atá fachta agat d'iarraidh an scuilb sin do bhaint ót iongain is iomcharach an duine thu: fuilngtheach, foidhneach. Ní dhéanfadh aonne dhíot ach fear iomcharach a's bheith chómh ciúin ar a bhfuil de mhasla fachta agat: faidteadhlach. Seirbheáladh os chómhair giúistís é toisc é bheith droich-iomcharach ar an sráid, agus cainnt gháirseamhail aige: níor oireamhnach an bheart a bhí dhá dhéanamh aige: bhí sé míochuibheasach. Is féidir liom a mhaoidheamh, pé rud a dheineas orm féin, go rabhas deigh-iomcharach ameasc daoine .i. nár bh'fhéidir col do bheith lém bhéasaibh ná lém bheartaibh. Long iomcharach dob eadh í, tá sé ráidhte annso go raibh na mílte mílte tonna innte: a bhí i ndán an scéan do bhreith léithe. Ní fhéadfadh neach a rádh nár b'iomcharach an bhean í, b'fhada ceasnaidhe uirthe, a's ní chualaidh aonne riamh ag gearán í: foidhneach fé iomard.

iomcharaim: *b.a.* beirim liom, fuilngim, bruoicim lé, beartuighim gan bráig do chur ar neach ná faic do dhéanamh as an slighe. Iomchair!: fan socair. Ní iomcharóchair tu féin go mbeidh sé déidheannach agat: nuair tuigfear duit ná fuil do bhearta ceart ní fhéadfair iad do cheartughadh. Iomcharóchad a bhfaighead: béarfad liom. Níor iomchair sé puinn drochchainnte uatha gur bhuail iad: níor bhruic: níor chuir suas leis. Ní iomcharuigheann an t-árus puinn uisce, níl an toirt ann: ní choimeádann: ní théigheann ann. Ní iomcharann sé é féin ar scoil: na nidhthe a dheineann sé uirthe ní bhíd dréir a riaghalach. Iomcharuigheann sé tinneas go ródha: ní ghearánann sé dá mhéid a bhraitheann sé.

iomcharthóir: *b.3.* duine a bheireas leis mar ualach. Ní rómhaith an t-iomcharthóir báid í sin: níl i ndán ualach mór do bhreith léi. Iomcharthóir maith air féin seadh é: gaibheann tríd an saoghal gan bascadh aonne ná faic do chur n-a leith. Ar gach stad traenach bíonn iomcharthóiridhe chun aistrighthe an lucht taistil d'aistriughadh: daoine chun ualaighe do bhreith leó.

iomchasaoid: *b.2.* comh-achmhusán, itheam gearraim, imreasán. Bhodharfadh muinntir an bhaile seo thu ag iomchasaoid lé chéile mar gheall ar ainmhidhthibh foghla: gach taobh aca ag cur na milleánach ar an dtaobh eile. Ná bímís ag iomchasaoid lé chéile, duine againn ghá rádh so a's duine againn ghá rádh súd ach an rud atá rómhainn do dhéanamh: ag casadh 'sag bearradh ar a chéile: in earrad. Nuair chuir an saoiste in iúil ar a chuid cléireach go raibh dearmhad mór déanta aca chromadar san ar iomchasaoid: duine aca ag cur na milleánach ar an tarna duine.

iomchosnamh: *f.1.* cosaint throm, dhaingean, ceannas. Cad b'fhéidir liom do dhéanamh nuair bhí mo chosa a's mo ghéaga gabhtha, cá raibh m'iomchosnamh agam orm féin?: cosaint cheart nár bh'fhéidir teacht im ghoire. Leigeann Sasana uirthe bheith ag iomchosnamh tíortha beaga riamh in aghaidh foghla bradaidhthe .i. í bheith mar sciath idir iad agus a namhada. Tá an t-iomchosnamh go léir aige ar an dteórainn a's ní féidir dul 'n-a ghoire ná 'n-a ghaobhar: ceannas nirt.

iomchubhaidh: *a.* árd-oireamhnach, caothamhail, tráthamhail. Admhuighim nách iomchubhaidh an uain d'aonne teacht ar cuaird an dtacaid seo d'oidhche: tráthamhail.

“An iomchubhaidh a rádh lé rígh, táir go holc? agus lé huachtaránaibh, táthaoi neamhdhiadha?” (Jób XXXIV. 18): an dtaidhbhsigheann sé go maith?: an mar sin is dual labhairt lé rígh? Ní hiomchubhaidh le duine uasal tarcuisne do thabhairt: is míothaithneamhach leis san. Níor bh’iomchubhaidh dhuit cainnt bhorb do dhéanamh: ní thiocfadh sé go maith ná go galánta dhuit.

iomdha: *a.* mórchuid, an méid, flúirseach. “An iomdha fear aige?” – “deir sé nach iomdha deichneabhar”: cá mhéid? “Is iomdha san lá do chaithfeam ar thaobh an teampaill”: mórchuid mhór. Is iomdha tír ann ach ní lia tír ’ná nós: tíortha go líonmhar ann ach ní líonmhaire iad ná nósanna. “An iomdha agat?” – “ní hiomdha”: “cad é an méid ceann agat” – “níl mórán”. “Is iomdha púnt maith, reamhar tuillte a’s caithte riamh aige”: mórán mór. Is iomdha fear ná déanfadh é: líon mór. Ní iomdha iomard a rug riamh air: tháinig an saoghal go bog air.

iomfháisc: *b.2.* greim daingean. Iomfháisc ort! (drochghuidhe): droichghreim go mbeiridh ort. Nár bheiridh aon iomfháisc choidhche ort ná go dtagair saor uaidh: teannta: draip. Iomfháisc ar an té a ghoid mo chuid: droich-chrích go raibh air.

iomfháiscim: *b.a. 7 n-a.* fáiscim go daingean, fáiscim go dlúth ar a chéile, druidim go dlúth leo. Nuair thabharfadh sé crothadh lámh duit d’iomfháiscfeadh do chrobh nách mór ná go ndéanfadh gránlach des na méireanntaibh: bharrógfadh iad agus ghreamóchadh go daingean. An eól duit aon rud a iomfháisceann mar barracht (suimint) in a ghiorracht aimsire?: a dhlúthuigheas ar a chéile. Shaoileas ná scaoilfeadh an beartán gan lámh duine ar an gcuma gur iomfháisceas é: gur cheanglas chómh dlúth san é. In aimsir thirim gharbh mar í seo seadh iomfháisceann móin: triomuigheann agus luigheann ar a chéile. Cas-sa im choinnibh a’s iomfháiscimís an t-uisce as an éadach: fuinnimís go tréan ar a chéile é. D’iomfháisceadar linn isteach d’iarraidh sin do chur i ndiaidh ár gcúil: dhlúthuigheadar linn go teann. D’iomfháisc órdóg an phartáin ar mo mhéir go raibh dath gorm uirthe: ghreamuigh go dian, daingean docht.

iomfháscadh: *f.* (*-sctha*) greamughadh agus teannadh daingean, teanntughadh. Siar san oidhche a’s ag iomfháscadh orm do bhí an pian: ag greamughadh níos daingne ionam. Nách mór an t-iomfháscadh fuair sé ón ngluaisteán i gcoinnibh an chlaidhe gur deineadh gránlach dá dhá chois: an brughadh thar meón. Iomfháscadh an cheangail ar chois an ainmhidhe gur ghaibh sé tríthe isteach: greamughadh rómhór. De ló agus d’oidhche tá fórsa aoir na Gearmáine ag iomfháscadh ar Lonndain: ag druideam níos giorra dho, níos déine agus níos fíochmhaire. Sin saoirseacht go bhfuil iomfháscadh innte: atá tógtha go dlúth, daingean, docht.

iomfhogas: (**iomfhogus**) *f.3.* fíor-athchomaireacht. Ní hin iomfhogas an chósta gheibhtear lanngaidhe: buailte leis an dtalamh istigh. Ní fada tá ort dul anois táir in iomfhogas do: nách mór ann.

iomghoin: *b.3.* créachtadh, freagaidhe tinnis, ionsaidhe. Tá sé in iomghoin an bháis ar an nduadh agus gearán atá air: ag crothadh na gcos lé huathbhás tinnis. Is gránda an saoghal

a bhfuil de dhaoinibh ná fuil baint lé harm ná cath aca dhá iomghoin sa chogadh so: dhá ghortughadh a's dhá lat.

iomláine: *b.4.* an méid ar fad, líonmhaireacht, foirfeacht. Sin é an scéal in iomláine agat ó n-a thúis go dtí n-a dheireadh, focal ar fhocal: é uile go léir. Níl an tsuim in iomláine annso agam, caithfear leathchoróin eile do chur ann chun a shlánuighthe: an tsuim ar fad. Níl aon teacht anuas ar iomláine Dé: a fheabhas agus a mhaitheasaidhe ar gach cuma. Is mór an truagh é d'imtheacht a's gan iomláine a shaoghail tagtha: gan oiread saoghail fachta aige a's gheibheann daoine de ghnáth. Ní raibh na saighdiúiridhe bailighthe in iomláine, bhí cuid aca ar iarraidh: an líon go léir. Trí chéad míle fear iomláine a gcuid airm: a raibh aca ar fad, ar fad.

iomlán: *a.* ar fad, críochnuighthe, uile; go léir. Tá an oiread ocrais orm go n-íosfainn bollóg iomlán: ar fad: uile go léir. Amadán iomlán seadh thu: amach 'samach. Níor chaith sé bliadhain iomlán i Mearaice nuair bhí sé chugham abhaile: ar fad. Níl an tigh iomlán fós, tá beagán de gan déanamh: críochnuighthe. An ndeárnais íocaidheacht iomlán as a raibh ort?: ar dhíolais amach an uile phingin de? Beidh tú iomlán ag do Thigearna Dia: gan locht, in a láthair. Ní raibh an soitheach iomlán nuair fuairtheas é .i. bhí cuid éigin de ar iarraidh. Is maith an scéalaidhe thu dá mbeadh scéal iomlán agat: scéal ó thúis deireadh. Gabhadh go hiomlán orm: fuairtheas an buaidh orm amach 'samach. Líon amach go hiomlán é cad é an choigilt atá agat air?: cuir deireadh leis: é ar fad. Stadaidís anois agus airís le tamall ach stadadar go hiomlán indé: ar fad, ar fad. Itheadh go hiomlán a raibh sa tigh: a raibh ann. Níl focal dá n-abrair ná go dtuigim go hiomlán: tuigsint cheart chruinn agam air.

iomlán: *f.1.* an uile, an méid go léir. Ó chuiris chuige in ao'chor, a shutha, bhí sé chómh maith agat an t-iomlán d'itheadh mar gheall ar an méidín d'fhágais it dhiaidh: a raibh ann. "I ndiaidh an iomláin nó faic": ar dhuine shainnteach. Dheinis iomlán do dhíchill orm, níor dheinis an dá leath dhe, ach féach ná fuilir chómh hantréan agus is dóigh leat: sin a raibh ionat. Lé dúthracht a's coingheall thug sé an t-iomlán: a raibh 'n-a chorp nó 'n-a chumas. "Oir béarfaidh tú go deimhin ortha agus gan conntabhairt béarfaidh tú an t-iomlán díobh" (1. Sam. XXX. 8): an uile rud. Báthadh an t-iomlán a bhí ar bórd: iad uile go léir.

iomlasc: (**iomlascadh**) *f.1.* ag iompódh tóin thar cheann nó mór dtímcheall; liathradh. D'éirigh amhailt d'ainmhidhe mhór ag tosach an bháid a's b'áidhbhéil an t-iomlasc do dhein sé san uisce gur chuir an fharraige 'n-a tonntaibh móra uaidh ar gach treó: an ionfairt do thug sé dá chorp. An t-asal ghá iomlasc féin ar an mbóthar .i. é ar chnámh a dhroma, a chosa san aer a's é ghá iompódh féin ó thaobh taobh. Thug sé guala dhom a's bhain iomlasc asam: leag a's d'iompuigh ar an dtalamh asam. Na leanbhaidhe ghá n-iomlasc féin sa bhféar: ghá liathradh féin: ag iompódh tímcheall mar bheadh roth. Is iomdha fear maith d'iomlasc sé, a's b'é sin neart a bhí ann: a threascair. "An bhfuil airgead aige?" – "tá sé ghá iomlasc féin ann": an-shaidhbhir ar fad. Chómh salach lé cráin iomlaisc: a bheadh ghá iompódh féin ó thaobh taobh sa draoib. Ghá iomlasc féin sa leabaidh nuair bhí sé ag taidhbhreamh: ag ionfairt 'sag iompódh. Baintear iomlasc eile as an gcloich: iompuightear tímcheall í.

iomlascaim: *b.a.* iompuighim tímcheall ar mo chorp, liathraim. Ná hiomlaisc tú féin sa leabaidh nó brisfir: ná bí ghod ionfairt féin innte. Ó uachtar go híochtar an ghuirt d'iomlascadar me: liathradar: d'iompuigheadar. Ní raibh ach a rádh gur iomlaisc sé é féin san uisce a's isteach leis, ar eagla go bhfaigheadh fuacht .i. gur thúm sé é féin. Nuair leagadh é, iomlascadh é, iompuigheadh tímcheall é mar iompuigheann liathróid.

iomlatáil: *b.3.* laiteadh, útamáil. Ag iomlatáil leis an obair: ag gabháil di go haindeis. Stad anois ded scéal níl agat ach iomlatáil: achrann a's dul trí chéile. An t-aindeiseóir bíonn sé ag iomlatáil leis: ag stríocáil go neamhshlachtmhar.

iomloiscim: *b.a.* loiscim, dóghaim go trom. Chuaidh teine sa tigh a's iomloisceadh a raibh ann sar ar bhféidir fóirthint do dhéanamh: deineadh luaithreán díobh. Nuair thuit an t-uisce beirbhthe ar a chois scread sé; "táim iomloiscighthe!" – "mar an bhfuilir, beir!" arsa a bhean: loiscighthe go smior!

iomloscadh: *f.* (*-sctha*) loscadh, dóghadh mór. Is mór an t-iomloscadh atá ag daoinibh bochta i gcatharachaibh áirighthe atá dhá phléascadh ón spéir: mórchuid díobh i mórán áiteann. Fuair sé an oiread san iomlosctha gur imthigh an croiceann des gach aon phioc dá chorp: loscadh ar gach ball de.

iomluath: *a.* an-tapaidh, an-mhear, corrthónach, atharrach. B'iomluath an girrfhiadh é ná tagadh cú ar bith suas leis: mear, éascaidh, lúthmhar. Trí huaire d'atharruigh an ghaoth orainn in aon tráthnóna amháin nár iomluath bhí sí?: corrach, corrthónach. Ní fhéadfá bheith deimhnightheach de cad dhéanfadh sí tá aigne iomluath aice: corrach, atharrach. D'imthigh sé dem dhruim chómh hiomluath lé fáinleóig: chómh héascaidh: chómh mór siubhal.

iompódh: *f.* (*-puighthe*) casadh, atharughadh, filleadh, teacht thar n-ais, cor. Mara mbeadh rud éigin do bheith air ní bheadh an lígh ag iompódh ann: dath mílítheach tagtha air. Bhí sé geallta lé Máire agus ar an nóimint dheireannaigh thréig í a's phós sé bean eile, nár bh'ait an t-iompódh dho é: an t-atharughadh. Chuala glór laistiar díom agus ar iompódh tharm cé chídhfinn ach an fear a bhí uaim: ar chasadh siar. Cuiridh go léir bhur nguala leis an gcarraig d'fhéachaint an bhféadfaimís iompódh do bhaint aiste: casadh iomlán. Dá mbeinn ag tafant choidhche air ní fhéadfainn iompódh do bhaint as: é do tharrac ar mo thaobh. Cad n-a thaobh bheith ag iompódh orm-sa a's gan aon chúis agat orm? Is ait an t-iompódh tímcheall do thugais ar an bhfear, gur atharuighis ar fad é: chasais ar do mhéir é. Ag iompódh a droma air do bhí sí dá mhéid a bhí sé ghá héileamh: ghá éimeadh: ghá shéanadh. Ag iompódh na cluaise boidhre liom budh chuma cad í an chómhairle leasa do thabharfainn dóibh. Ag iompódh orm a bhí an mío-ádh an uile lá ó chuadhas ann: ag méadughadh orm. Is minic do comhairlightear ón altóir orainn iompódh ar Dhia: ár smaointe do bheith air: machtnamh a's rud do dhéanamh air. Ag iompódh cinn mo chapaill ar an mbaile dhom thóg sé sceit: ag atharughadh treó. Tráth bhíonn a aigne socair aige ar aonnidh ní féidir é d'iompódh: tafant air malairt ruda do dhéanamh. Thugas an mhaidean ag cuardach ag iompódh an tighe síos suas: ag cur gach rud trí chéile. D'iarraidh an bháid d'iompódh: a béal do bhualadh fúithe. Níor bh'fhada an

mhoill ormsa tú d'iompódh taobh istigh amach. Budh gheairrid an mhoill air a bhrat d'iompódh: a dhílseacht d'aon rud do thréigean agus luighe lé n-a mhalairt: atharrach tuairmidhe. An bainne ag iompódh leis an aimsir: ag éirghe searbh lé teas, etc. Dhéanfadh amharc ar an mbiadh úd do ghoile d'iompódh: casadh aigne. Dubhradh liom iompódh ar dheis ag an gcrosaire: mo threó d'atharughadh. Nár bh'fhios dom cad é an t-iompódh do thabharfainn bhíos chómh mór san amugha: bhíos im chácar: dall amach. Is mithid dúinn iompódh anois más mian linn bheith sa bhaile roim thuiteam oidhche: casadh tímcheall. Ná bí ag iompódh sa leabaidh mar sin: corruighe ón dtaobh go bhfuilir id luighe air. Chuirfeadh a dhroich-iomchar ar na mairbh iompódh san uaigh: chuirfeadh sé déistinn ar dhuine. Tá an taoide ag iompódh ar Shean-Shasana dréir gach deallraimh: tá cúrsaidhe ag dul 'n-a choinnibh an turus-so. Táilliúr dob eadh é a's tá sé ag iompódh amach 'n-a shiúinéir anois: ag atharughadh a ghairme. Tá an t-iasc ag iompódh: ag tosnughadh ar dhreódh. Ar mhian leat iompódh uaim?: do chúl do thabhairt dom: me do thréigean: gan bac liom. Chrom sé ar iompódh im choinnibh gur chaitheas scaramhaint leis: buaidhreamh do chur orm: bheith namhadach. Siubhal an-aimlidhthe atá aige, tá a chosa ag iompódh isteach: claon isteach. Dá mbeadh cruadhtan orm admhuighim duit gur bh'fhearr liom iompódh ar aonne eile ach air, budh mhó mo mhuinghin as. Tréis iompuighthe dhóibh ar an gcreideamh gallda: gabháil leis ó chreideamh eile. Is mór an t-iompódh sa tsaoghal é, rothar i ngach tigh tuaithe anois a's lém linn-se gur bh'iongantas ceann aca d'fheicsint in ao'chor: cor: atharughadh. An dóigh leat ná go bhfuil sé ag iompódh linn: ag claonadh: ag teacht ar ar dtaobh: ag géilleadh dhúinn. Ar iompódh na baise do shleamhnófá ar leac oidhir: sara mbeadh a fhios aonnidh agat: go prap. Nuair bhíonn na cártaidhe scúighte deintear mádh d'iompódh: tugtar béal cárta anáirde mar dhath imeartha. Ar iompódh na n-each tigh atharrach na mádh: nuair chasaidh na capaill ar chúrsa an ráis tagann malairt crota ar a chrích. An t-iompódh do baineadh asam dul fiche míle ar gheallamhaint go bhfaighinn an rud a bhí uaim a's ná fuaireas: turus in aistear. Bain iompódh eile as an roth: cas tímcheall. Bhí ag éirghe leis go háluinn, dar leis go raibh aige, ach baineadh iompódh as díreach nuair bhí an lá aige nách mór: maidhm: buadhadh air: theip air. Lém chuimhne atáid in iomarbháigh lé chéile ag baint iompódh as a chéile nuair gheibhid an chao: ag sárughadh a's ag breith bráighe ar a chéile. Tá an fheóil seo lé hiompódh: an taobh síos suas do thabhairt di. "Connus do marbhuigheadh é?" – "é d'iompódh" .i. trucaill nó pé gléas iomchair do bhualadh béal fé air. Bain iompódh eile aiste (rinnce): téighir ag rinnce airís léi.

iompuighim: *b.a. 7 n-a.* casaim, fillim, atharuighim, ionntrálaim, cúlaim, tugaim aghaidh ar, tugaim cor. Ná bíodh pioc iontaoibhe agat as, d'iompóchadh sé mar dhéanfadh an cat 'n-a chroiceann: d'fheallfadh ort. D'iompuigh an bainne leis an dteas: shearbhuigh sé. Iompóchaidh an t-iasc mara gcuirtear salann air: ionntrálfaidh sé: tosnóchaidh ar dhreódhachtaint. Cad n-a thaobh gur iompuigh sé léi?: gur atharuigh a chreideamh ar a son lé linn pósta. D'iompuigheadar ar a chéile go dochaiseach a's ní lá fós é mar ar dheineadar iomcháin ar a chéile: d'ionsaidheadar a chéile. Iompuigh orm: éist liom. Iompuigh ar an mbaile má tá ciall agat: tabhair t'aghaidh air. Ar ór na cruinne ní iompóchainn uait: ní thréigfinn thu. Ní haon mhaith bheith ag imirt leat anois, tá iompuighthe ort: an t-ádh leat. Iompuigheadh síos suas an tigh ar lorg: cuarduigheadh gach poll a's póirse. Drochdhuine i dtúis a shaoghail dob eadh é, ach d'iompuigh sé ar (chun) Dhia: ghaibh sé lé cráibhtheacht. Lé scannradh shaoghalta d'iompuigh an lígh ann:

tháinig dáth mílítheach air: ghlas-bhánuigh sé. Sa troid dóibh d'iompuigh duine aca scian ar an duine eile: d'imir sé air í. Nuair bhí a bhean ag fagháil bháis dubhairt sí lé n-a fear; ná hiompuigh, go n-iompóchaidh an sconna i gcoinnibh an chnuic: ná hatharuigh do chreideamh. Aon bhaint ní bhíonn againn lé chéile, is fadó d'iompuigh sé a dhrom liom (orm): d'éirigh sé im choinnibh. Ní raibh aon dath fén spéir nár iompuigh air nuair rugadh sa bhfoghail air: scannruigh sé amach 'samach. Iompuigh fés na cártaidhibh, chídhtear an uile cheann aca: foiligh fútha: ísligh do lámh ghá scughadh. Iompuigh ar do sháil: fill (tá rud éigin lé rádh agam leat, dearmhadta agat, etc.). "Uime sin, do mhairbh sé é agus d'iompuigh an ríoghacht chun Dáibhí" (1. Croin. X. 14): thuit sí leis. Níl faic dhá dhéanamh agam ar sclábhaidheacht, iompóchad ar ghadaidheacht: tabharfad me féin ar malairt gairme. Is é fear áidh is mó annso é a's a rádh ná fuil sé marbh fadó riamh. Do hiompuigheadh seacht n-uaire é: pé cóir iomchair a bhí aige buaileadh a béal fúithe. Ní feadar cad é do thuairm air, ach tá a fhios agam go n-iompóchadh an ruibe é .i. tá sé an-laginntineach. Leigtear do ar a bhuille, Dia ná duine ní iompóchadh anois é .i. tá sé lán de cheanndáine. An tsín d'iompuigh thar n-ais sinn: a chuir iachall orainn filleadh. Níl aon ghaoth ná go n-iompóchadh sé léi: rósho-ghéillte. Iompuigh thart na billeóga go bhfaghair an focal ar an leathanach ceart: an taobh atá fútha tabhair anáirde é. D'iompuigh an imirt air tréis a raibh caillte aige a's chreach sé an bórd: thosnuigh an t-ádh leis. D'iompuigheas i leathtaoibh: ghom sheachaint féin ar an ngluaisteán: chlaonas mo threó ar dheis nó ar chlé. Tháinig an oiread san daoine chun an tsiamsa gur hiompuigheadh scataidhe ón ndoras: diúltuigheadh iad do leigeant isteach. Cad ar go n-iompóchair anois, tá gach aon rud teipighthe ort go dtí so?: cad ar go mbeir ag brath. Iompuighimís isteach a's bíodh deoch againn: téighimís isteach sa tigh seo. Iompuighimís chun an taoibh eile den scéal: tugaimís ár n-aire air. Níor iompuighis fós?: níor atharuighis do thuairmidhe ar rud éigin áirighthe. D'iompóchainn chugham thu .i. bhéarfainn ort agus dhéanfainn thú do bhualadh mar buailfí leanbh crosta. D'iompuigh sí chúiche an chasóg: rug sí uirthe, bhí ghá láimhseáil a's ghá scrúdughadh. D'iompuigheas liom abhaile a's d'fhágas annsan .i. thréigeas iad mar rogha de dhá nidh. An í do thuairm go n-iompóchaidh an t-éan san bán fós?: go n-atharóchaidh sé an dath atá anois air ar bhán. Bhíodar ag ól 'sag ól gur iompuigheadar tóin an bharaille anáirde: nár fhágadar diúir (sreabh) innte. Iompuigheann sneachtadh 'n-a uisce lé teas na gréine: deineann uisce dhe. Goirtigheadh a shúile a's d'iompuigh sé 'n-a dhall: rinne dall de. Níor iompuigh aonne a bhaineas liom riamh, tá an méid sin lé maoidheamh agam: níor atharuigheadar a gcreideamh ná a dtuairmidhe poilitidheachta ná eile. Is olc mar iompuigh an lá: lá maith gur dhein drochlá dhe. D'iompuigheas a's chasas, lúbas a's theannas a's b'é an dá mhar a chéile dhom é: theip gach iarracht orm.

iompuighthe: *a.r.* casta, fillte, atharuighthe. Ná blais an t-iasc san tá sé iompuighthe: tá sé tosnuighthe ar dhreódhachtainte. Is fada fós ón dtaoide do bheith .i. casta ar líonadh nó ar thrághadh. Sin casóg atá iompuighthe: an taobh istigh tugtha amach di a's í aithdhéanta. Tugaim fé ndeara go bhfuilir iompuighthe ar fad ged mhnaoi: nách iad na feádhanna céadna a bhíodh fút cheana atá anois. Ar theacht ar an bhfód dúinn bhí an nadhbhóg iompuighthe: a béal buailte fúithe. Caithfead úirleacan, tá mo ghoile iompuighthe: an biadh ann ní réidhtigheann leis. Níor mhór don bhféar san a bheith iompuighthe: an taobh síos do bheith tugtha dho. Is fadó riamh atá san iompuighthe: tagtha ar creideamh nó tuairmidhe atharracha. Bíodh t'aghaidh iompuighthe ar an bhfalla

agat ar nós aon amadáin: ná bíodh fonn ort aon rud do thabhairt fé ndeara. Buidheach ’e Dhia go bhfuil an lá iompuighthe orainn .i. go bhfuil an rath tagtha orainn. Tá Lonndain iompuighthe síos suas an aimsir seo gen ionsaidhe aoir: cill tuathail: trí chéile, gan riar, gan órd. Is baoghalach liom go bhfuil an saoghal mór iompuighthe: atharuighthe. Táim iompuighthe uaithe aice: curtha chun bóthair. Siopa é sin atá ag déanamh go maith, mórán daoine iompuighthe air: ag tráchtáil ann. Is maith an bhail air go bhfuil an tsláinte iompuighthe airís air: go bhfuil sí tagtha dho airís.

iomrádh: *f.1.* (*iol.* –ráidhte) mórán cainnte, tráchta, clú. Dá fhaid ó éag Piaras tá iomrádh annso fós air: bítear ag trácht ar a chlú. D’aimhdheóin an iomrádh go léir, gach aonne ’sa thuairm ’sa bharamhal féin aige, níl aon deimhin connus do bádhadh iad: an méid aighnis atá déanta ortha. Tamall ó shoin bhí sé ’n-a iomrádh ar fuaid na hÉireann go raibh cómhacht éigin ar tí teacht i dtalamh orainn: i mbéal gach aonne. Iomráidhte na gile gréine cloiste agam ar an bhfear gcéadna ná creidim a leath: cunntaisidhe. Áit ar bith dar ghaibheas chuala iomrádh ort. Is maith liom t’aithne do chur: trácht mhór.

iomráidhte: *a.r.* áitrighthe, clúiteach, scaipighthe go fairsing. Is baoghalach liom ná háirmheófar choidhche me ar fhearaibh iomráidhthe na hÉireann mar nách éachtach é mo ghníomh: daoine go bhfuil meas a’s cáil ortha. Ceóltóir iomráidhte dob eadh Peadareifsce, thaisteal sé an domhan a’s fuair sé gradam san uile áit: áitrighthe. Dubhairt Neapóileán go raibh Eoghan Ruadh ar cheannaibh urraidh iomráidhte an domhain: budh mhó clú. Ní fheadar-san an fíor nó bréag é mar scéal, ach go bhfuil sé iomráidhte: scaipighthe go fóirleathanadamhail ameasc daoine.

iomrall: *f.1.* dearmhad, dul amugha, mearbhall. Budh mhór an t-iomrall a bhí orm nár aithnigheas tu a’s gur cheart dom aithne forradh na seacht n-aitheanta do bheith agam ort: an mearbhall aigne. Beir fada ar do chártaidhe anois, a’s ná dein aon iomrall: dearmhad i dtaobh an chárta chirt d’imirt. Iomrall ghom leanamhaint riamh, thógas an rud mícheart: an dearmhad.

iomrascáil: (**iomarscáil**) *b.3.* coraidheacht, spairn, gleacaidheacht, coimheascar, comórtas, achrann. Is mór go léir an fear iomrascála thu, bír ceangailte as dhuine éigin i gcómhnaidhe: fear achrainn. Is annsan do dhein beirt fhathach an iomrascáil chruaidh, chealgánta ag déanamh talamh cruaidh den dtalamh bhog agus talamh bog den dtalamh chruaidh: an iarracht na talmhan do thabhairt do chéile trí ghreim cuirp. Riamh faid atá aithne agam orm féin ní bhfuaireas sos ón saoghal ach ag iomrascáil leis: ag coimheascar: mise ar mo chroidhe díchill d’iarraidh maireachtaint a’s mo dhóthain cúraim orm. Má théighir ag iomrascáil leis an salachar bí thíos nó thuas saileófar thu .i. má bhír in earrad lé dráscar daoine ceapfar ar aon rian leó thu: téighir i gcoimheascar léd choimhleacaidhe. Duine thusa gur bh’fhearr liom bheith saor díot, níor mhaith liom dul ag iomrascáil ar aon saghas slighe leat: in achrann. Thuiteas ar mo dhrom ’on pholl a’s bhí iomrascáil an domhain uile agam d’iarraidh me féin do tharrac amach: iarrachtaidhe dhá déanamh agam ná héirigheadh leo. Seadh, ná bíodh aonne ag cainnt air, budh mhór an iomrascáil do é féin do tharrac as a raibh de cheangal air: ionfairt acfuinneach.

iomrascálaidhe: *f.4.* duine oilte ar iomrascáil – claoidhe agus treascairt dhuine trí ghreamannaibh a's barrógaibh, etc. Ní haon iomrascálaidhe maith leis an saoghal é: ní chuireann sé roimis go ródhian maireachtaint. Nuair thiocfaidh an t-iomrascálaidhe ceart ní raghaidh neach ó n-a threascairt .i. an bás.

iomruagadh: *f.* (*-gtha*) maidhm, do scaipeadh lé barr nirt, mór-theicheadh do chur ar; díbirt. Cliamhain maol dob eadh é a's chuir muinntir na céile an t-iomruagadh as an dtigh air ná leigfeadh eagla dho filleadh: teicheadh deaghair. Seo mar léightear ar an bpáipéar an uile lá:- "d'ionsaidh scuaine mór long aoir an chathair, d'éirigh ár bhfórsaidhe cosanta 'n-a gcoinnibh a's chuireadar an t-iomruagadh ortha gan mágáine dhúinn. Do chaill ár namhad fiche long ar a luighead .i. scaipeadh na mion-éan. Cuirfead an t-iomruagadh ar do chuid caorach lém mhadra, mar an gcoimeádair ar do chuid féin iad: scaipfead soir siar i bhfad ó bhaile iad. Cuireadh an t-iomruagadh i gceart ar na Giúdaigh as an nGearmáin: is beag díobh ná gur chaith bailiughadh leó aiste lé heagla. Níl ach aon nidh amháin chun an iomruagaidh do chur ar an ocras – biadh!: an díbirt.

iomruagaim: *b.a.* ionsaidhim agus scaipim, díbrim, cuirim an teicheadh ar. Iomruaig na faoilinn as an ithir curtha, nó ní fhágfaid gráine síl ann: díbir agus scaip iad. Ins gach ball go raibh arm na Gearmáine go dtí so sa chogadh so d'iomruaig sé gach namhaid: chuir an teicheadh a's an scaipeadh go héadtreórach ortha. Tá tinnis diabhail idir bhas mo dhá shlinneán ná hiomruagfadh dochtúiridhe na Mumhan: a díbreóchadh é gan filleadh.

iomruathar: *f.1.* ionsaidhe trom, iarracht láidir. Bhuaileas an doras d'iarraidh é do bhriseadh, ach theip orm, annsan thugas fásc rothaigh fé agus dheineas iomruathar air lém ghualainn gur ghéill sé: thug fé lé neart mo ghualann ar fad. Chuir an cat iomruathar ar na franncaigh, an méid nár mhairbh díobh ná feaca ceann aca: teicheadh a's briseadh. Iomruathar dár thug saighdiúiridhe iasachtaidhe thar teórainn tíre eile budh chúis cogaidh eatartha: geábh ruaige.

iomshaothar: *f.1.* duadh mór, séideadh a's cneadghail. In Éirinn istigh níl caonaidhe go mbíonn an oiread iomshaothair oibre air: fonn thar meón chúiche. Cléibheanna móra feamnaighe ortha i gcoinnibh na bhfailteach a chuireadh iomshaothar ortha gur dhóigh leat gur chapaill fe strus iad: luas anála a's cneadghail gur dhóigh leat go bpléascfadh a gcroidhe. Ní gan iomshaothar do beireadh an galán carraige sin i gcoinnibh an chnuic a's a cuireadh 'n-a seasamh annsan í: duadh mór a's sclábhaidheacht.

iomscaoileadh: *f.* (*-lte*) scaoileadh nó réidhteach iomlán; mór-scaipeadh. Cé hé ná déarfaidh go bhfuil iomscaoileadh pléascán ar chathrachaibh an aimsir seo a's a bhfuil de dhíth a's d'éirleach dhá déanamh ortha ón aer?: rúideadh gan teóra. Ní go dtí go mbeidh an cogadh i leathtaoibh go ndéanfar iomscaoileadh ar bhráigheannaibh gach taoibhe aca: iad uile go léir do leigeant saor.

iomscaoilim: *b.a.* réidhtighim, rúidim, scaipim. D'iomscaoil an long cogaidh a gunnaidhe go léir ar an ndaingean: chaith sí piléir asta. Leis an méid buile a bhí uirthe d'iomscaoil an bhean a raibh de chlochaibh ar an mbóthar nách mór leis an madra: rúid ceann ar cheann go mear iad.

iomscaradh: *f.* (*-rtha*) scaradh mór nó ar fad. Dhein sé féin agus a bhean iomscaradh tamall maith de bhliadhantaibh ó shoin gan teacht le chéile ó shoin: scaradh ar fad. Ó bhuail an long ar an dtráigh tá iomscaradh déanta ge n-a máillidhibh: táid scartha ó chéile go mór. Treasna trí lár na carraige bhí iomscaradh ná féadfainn do léimeadh: méiscre doimhin, leathan.

iomscartha: *a.r.* deighilte ó chéile; leathanuighthe amach ó chéile. Ní thaithnigheann imtheacht an chapaill sin liom, tá a chosa tosaigh ró-iomscartha ar fad: an iomad slighe eatartha. É féin in Éirinn 'sa chlann i Mearaice, nách iomscartha an líon tighe iad?: an-dheighilte. Ná bíodh aon eagla ort go mbeidh a thuilleadh achrainn eatartha anois, táid iomscartha agam-sa: curtha chómh fada ó chéile a's nách féidir leó bualadh. Mo thruagh an t-anam bocht a bhíos iomscartha lé neamh: deighilte uaidh gan chao aige ar dhul ann.

iomshláine: *b.4.* fic **iomláine**

iomshlán: *a.* fic **iomlán**

iomshlánughadh: *f.* (*-uighthe*) do chríochnughadh amach, do chóimhlíonadh, fóirlíonaim. Táim ar mo dhá dhícheall d'iarraidh mo gheallamhaintidhe go léir d'iomshlánughadh: do chóimhlíonadh amach 'samach. Is rí-dheacair do pheacach bhocht a anam d'iomshlánughadh, ionnas go sroichfeadh láthair Dé gan smól: do ghlanadh go glé. Cuimhnigh go gcaithfir an púnt atá agam ort d'iomshlánughadh fós, níl agat dhá thabhairt dom ach naoi scillinge déag: an méid atá in easnamh do chur leis.

iomthaithighim: *b.a.* gnáthuighim go rómhinic. Ní haon uair amháin a chuireas ar a shúilibh do go n-iomthaithigheadh sé an áit chonntabharthach ach níor mhaith do bheith leis: go dtéigheadh ann níos minicidhe 'ná mar budh mhaith dho. D'iomthaitheóchadh an gadhar san aon tigh go bhfaigheadh sé greim lé n-itheadh ann: thiocfadh sé airís agus airís eile.

iomthnúth: *f.3.* ionachas mór, súil. Chídhinn iad i Mearaice, na scraistidhe bochta i gcorp an gheimhridh gan puinn den éadach, a ndrom lé falla aca os choinne na conntabharthach tréis a gcoda bheith caithte aca ag iomthnúth lé digh: le hionachas go ndéanfadh duine éigin déirc ortha.

ion-, in-: *r-mh.* cialluigheann oireamhnaidheacht, etc. Féach ar an seanthrucaill atá ag an dtuinncéir mná, a's í ag leaghadh as a chéile, cé déarfadh go mbeadh sí ion-aistir: oireamhnach ná ábalta ar phuinn bóthair do chur di. Fill orm go dtómhaisead lém shúil thu; dar fiadh, tá culaith ion-aonaigh ort: culaith a bhéarfadh in aon chuideachtain thu. Ní hion-chomórtais an bheirt in ao'chor, dóirneálaidhe a's iomrascálaidhe: ní féidir iad do chur i gcómhnaird mar nách ionann ealadha dhóibh. Triúr inghean ion-nuachair aca: aosta a ndóthain lé pósadh. Inneósad rud éigin discréideach duit mar is eól dom gur duine ion-rúin thu a choimeádfaidh fé n-a chois é. Caith dhíot an culaith ghiobalach san, is maith is eól duit ná fuil sí ionchaithte: oireamhnach lé caitheamh. Seo deoch bhreágh, shóghail, ion-chaithte agat, scaoil siar í: ion-ólta: gur maith í d'ól. Tá an chruithneacht san ion-

bhainte, tá sí buidhe, aibidh: oireamhnach lé baint, gearradh. Cé deir go bhfuil an bathalach tighe sin slán a's go bhfuil an braon anuas tríd: oireamhnach lé maireachtaint. Áit achrannach, charraigeach ná fuil ion-áitighthe: nách féidir do dhaoinibh curtha fútha ann. B'éigean don lucht áitighthe an baile do thréigean nuair hionsaidheadh é, mar ná raibh sé ionchosanta: ní raibh coimeád amach ar an namhaid as. Caith uait an rud salach san, níl sé ion-choimeádta: ní fiú é do choimeád. Is fada buidhe uait a bheith chómh maith leis, nílir ionbhuailte in ao'chor leis: in aon ghiorracht do. Ní fear intseasaimh thu, riamh ní chóimhlíonair aon gheallamhaint: ní fiú thú muinghin a bheith asat. Buachaill ion-mhuinghine é, a rian air is fada in adhmannas san dtigh chéadna é: gur féidir seasamh air. Ní hion-mholta an bheart atá déanta agat, iompódh do dhroma ar do cháirdibh: ní bheidh meas ag neach ort 'n-a thaobh. Sin arán atá déanta lé seachtmhain a's ná fuil in-ithte dá dheascaibh sin: oireamhnach lé n-itheadh. Go dtiocfaidh tíortha eile isteach sa chogadh fós ar an bhfuadar atá fútha tá inchreidte go leór: is furaiste géilleadh do thabhairt do. Is inmheasta dhúinn a chreideamhaint ná raibh puinn sa tsaoghal aige mar ná bíodh sé de chlódh air: ní misde dhúinn sin. Focail do chloisim go minic agus ní mór ná go gclipid an croidhe ionam mar ná bíd inléirighthe: furaiste lé míniughadh. Aon iasc atá marbh lé dhá lá gan leac oidhir connus bheadh sé indíolta: oireamhnach lé díol. Ná tuig go bhfuil m'anam-sa inreicighthe in ao'chor chun a iarraidh orm dul i gcogadh na bpiléar: gan aon tsuim agam ann ach é do chur i gconntabhairt. Leanbhaidhe ná raibh riamh iontsmachtuighthe ar scoil connus bheidís fé riar lasmuigh: nár bh'fhéidir do choimeád socair. Tréis an tsaoghail ní hiontugtha d'aonne a lámh do chur i mbéal an mhadra: amadán seadh é aonnidh a dhéanfadh é féin do chur fé léith na conntabharthach. Cad chuige an t-éirghe anáirde, ní heól dom aon rud ion-mhaoidhte id dhiaidh: gur fiú trácht air. Níl m'inghean-sa in-iarrata fós: aosta a dóthain chun a loirgthe lé pósadh. Is inmheallta an garsún tú a's do réal do thabhairt ar sheafóid mar é sin: furaiste an bob do bhualadh ort. An bhfuilimíd in-imtheachta?: réidh lé bheith ag cur dínn. Níl an charraig sin chómh in-iompuighthe agus thaidhbhsigheann sí: chómh furaiste casadh do bhaint aiste. Leabhar iontsuime é seo b'fhiú dhuit é do léigheamh, thaithneóchadh sé leat: go gcuirfeá suim ann lé n-a fheabhas. Fear an-inspéise seadh é nuair chromann ar eachtraidhe: d'éisteófa go sásta leis. Ní hi gcómhnaidhe do bhíonn an t-oileán san iontsroichte: gur féidir dul i dtalamh ann. Is fada riamh go raibh obair ionfhaghálta ar an mbaile seo: lé fagháil. Is do-ion-mhaithte an peaca luighe trom ar bhochtaibh: nách féidir maitheamhnachas d'fhagháil ann. Tóg m'fhocal leis gur fhear intseachanta é sin: gur chóir fanacht uaidh. Dubhairt sé rud éigin ná raibh ionlabhartha agam: cainnt nár chuibhe liom do luadh. Ar mh'anam ná fuil sé inéirighthe fós, fuair sé taom róthrom: oireamhnach chun na leapan d'fhágaint. Sin sruth ná fuil iontsnámha: oireamhnach lé snámh, etc. etc.

ionad: *f.1.* áit, slighe, stad, láthair, fód, log, suidheamh, leaba, malairt, beart, slighe bheatha. Dá mbeinn it ionad b'fhearr liom do bheith marbh 'ná bheith ar an gcuma san ag iomthnúth leis gach aonne: it áit: id shlighe. Cuirtear an líonadh in ionad an fhollamhuighthe .i. cuirtear san áit chéadna an méid do tógadh as: ithtear má bhíonn ocras ann. Cuir an chloch san in ionad: i leabaidh cheart sa tsaoirseacht. Treascaradh me a's cuireadh m'alt as ionad amach: as a áit nádúrtha. In ionad fáilte do chur rómham mar bhí súil agam leis, is amhlaidh do ruagadh me: mar mhalairt. Ní dóigh go bhfuil an seómra mór a dhóthain d'ionad dhá leapan: áit. An t-ionad atá agat coimeád é: an áit áirigthe. Táir in ionad mhaith anois chun gach rud do thabhairt fé ndeara: i mball mhaith. Chaill sé

a ionad trí phóit: an bheart a bhí aige ruagadh aiste é. Níl maitheas a bheith ag léigheamh air, dá ndeinidís so nó súd go mb'fhéidir go mairfidís, mo thuairm féin gur bh'é ionad a mbáis a bhí ann: fód: láthair. Dein ionad coise annsan duit féin agus greamuigh aníos: slighe: rian: gearradh: méiscre. Dein ionad annsan dom: slighe suidhte. An bhfuil ionad sa bhád dom: beart: áit fir. Ionad catha dob eadh é ar a bhfuil d'úirlisidhibh troda fachta ann: log: láthair. Buaileadh in ionad na súl me: isteach díreach sa tsúil. Mara n-éisteóchair fágfad ionad mo dhuirn it éadan!: rian. Cad é an saghas tighe é seo ná fuil aon ionad fuinneóg dhá fhágaint ann?: slighe, oscailt. Deineann codladh maith ionad bídh: malairt. Raghad-sa it ionad má tá fonn ort fanacht sa bhaile: it áit: thar do cheann. Atharuighimís ionad: táir-se im áit-se a's raghad-sa it áit-se. Chuireadar a n-inghean in ionad mhaith: i gcrích mhaith: fuair sí fear a's áit mhaith. Is iomdha ionad do thugas do as leabharthaibh ghá chur 'n-a luighe air go raibh sé mícheart: sleachta: giotaidhe asta. "Ól leamhnacht raghaidh sé in ionad na fola agat": cuirfidh fuil mar a bhfuil a heasbaidh. Cá bhfuil t'ionad coinne: an áit atá socair agat bualadh lé duine éigin. D'fhág sé ionad a thóna sa ghainnimh: rian. Níl aon áit go ngabhann an fear san ná go bhfágann sé a ionad ann: rian go raibh sé ann. Tréis imtheachta dho níor tháinig aon fhear ionaid: neach 'n-a bheart: 'n-a áit. Ionad chómh maith a's tá in Éirinn seadh é: ait go bhfuil slighe bheatha ann. Iompuigh isteach annso, sid é m'ionad cómhnaidhthe-se: an áit chómhnaidhthe. Mo shúil go bhfuil ionad éigin aca ón sín seo: áit éigin ná brathfaid í. Go dtugaidh Dia ionad na ngrást ar neamh duit: áit shubháilceach. Mara mbuailir an rón san ionad cheart den gcéad bhuille is le hádh do mharbhóchair in ao'chor é: sa bhall cheart: ball mharbhthach. D'ionad b'fhearr liom B'l'Áth Cliath 'ná aon chathair eile in Éirinn: áit atá suidhte go háluinn, nó chun cur fúm ann. Sé an pápa fear ionaid Chríost ar an dtalamh: a aodhaire. Dearbhuighim nár chuireas ionad mo mhéire san bhfeóil den méid do thógas di: fíor-fíorbheagán do thógas. Cuir ionad do mhéire ann ach go háirighthe: blais é. D'fhág an madra malluighthe ionad a fhiacal im cholpa: rian. Fág an tigh seo, bíodh ionad éigin eile agat: áit éigin seachas an áit seo. Dá mbeinn ag cuimhneamh 'sag cuimhneamh ní fhéadfainn ionad do thabhairt duit air: a innsint cá bhfuil sé. Níl ionad trucallach sa bhóthar tá sé chómh caol san: slighe gabháil thríd. An bhfuil ionad na hoidhche agat?: áit chun codlata.

ionadacht: *b.3.* áit chómhnaidhte, beart. Níl aon bhaoghal ná go bhfuil an ionadacht go maith agat, ní nár duit maoidheamh aiste: áit chómhnaidhte. Aonne go bhfuil na céadta sa mbliadhain aige níl ceal ionadachta air: beart mhaith. An bhfuilir ghá chur san ionadacht cheart anois, dar leat?: áit oireamhnach.

ionadaim: (**ionaduighim**) *b.a.* ₇ *n-a.* suidhim, cuirim fúm, sealbhuighim, áitighim. Ionaduigh an áit dom 'n-a bhfeacaís é: faigh amach dom go cinnte. Ionaduigh B'l'Áth Cliath ar an léirscáil dom: teasbáin dom. Cá n-ionadóchad an chloch so?: cá gcuirfead í lé fanacht ann?: cá suidhfead í. Ionaduigh annsan tú féin a's ná cuir aonne as tu leis: tóg seilbh san áit sin. Níl aonne suas anois a ionadóchadh an uaigh: a gheobhadh amach í. D'ionaduigh an t-arm an baile ar feadh bliadhna: thógadar seilbh ann agus d'fhanadar ann. Ionaduigh an chos sa sciain i gceart: daingnigh: suidhidh.

ionann: *a.* an céadna, cosamhail, coimeasta, réidh. Ní hionann aois dóibh: ní hé an t-aos céadna atá aca. Is ionann aois, onóir agus uaisleacht dóibh: an oiread céadna díobh so atá

aca. Is ionann athair ach ní hionann máthair: an t-athair céadna gan an mháthair chéadna. Dul abhaile nó fanacht annso is ionann liom-sa é: is mar a chéile liom é. Ní hionann in ao'chor duit bheith ag baile agus as baile: ní mar a chéile dhuit é. Ní thógfad aon rud murab ionann é a's airgead: mura bhfuil a chómh ann. Murab ionann a's riamh níl aon dul as anois aige .i. pé cao a bhí go dtí so aige ar na cosa do bhreith leis níl aon chao anois ach go háirighthe. Is ionann san agus a rádh ná fuil aon fhonn ort teacht linn: is mar a chéile. Tá sé ionann a's bheith ar meisce: nách mór chómh dona a's dá mbeadh. Níl an chómhra ionann ar ghuailnibh na bhfear: ag luighe lé chéile go comhthrom. Is oth liom ná fuil an scríobh so ionann, ná fuil na focail cúmtha comhthrom ar an gcuma gcéadna. Cuir an bórd san ionann ar an úrlár: tá sé ag luascadh: cuir é sa tslighe a's ná beidh taobh de árd agus taobh de íseal. Cad n-a thaobh ná siubhalann tú ionann?: gach céim do bheith mar a chéile agat. An bhfuil an bórd ionann leis an bhfalla?: sínte sa tslighe a's go mbeadh a chliathán go léir ag bualadh leis. Saoiste dob eadh é ná tugadh déanamh ionann dos na fearaibh .i. go mbíodh níos báidheamhla lé cuid aca ná a chéile. Ní hionann aonne a's laogh na bléineann: ní féidir aon chion do chur i gcomórtas leis an gcion a bhíos ag mnaoi dá leanbh féin. Dá mbeadh an t-ualach ionann ort b'fhusa dhuit a iomchar: comhthrom: riartha dréir a chéile. Tá an dá bhreac so ionann i meádhachtaint: comhthrom dóibh. Dá bhuin ionanna: cosamhail ar gach slighe. Is ionann cúig 'sa trí agus a hocht: mar a chéile. Sara gcuirtear an ceann ar an dtigh bíodh na fallaidhe ionann: cómhaoirde. Déarfainn go raibh sé ionann a's dachad bliadhain nuair éag sé: comhthrom lé: tímcheall na haoise sin.

ionann: *f.1.* an céadna, an cómh, an comhthrom. Níl an t-airgead agam ar an láthair ach tá a ionann agam in ainmhidhthibh: a chómh: a luach. Péaca taobh a bhuaidhfidh 'sé an t-ionann dúinne é, ní faic a bheidh dá bharr againn: an rud céadna.

ionannas: *f.1.* comhthruime, codrom, cóimhréir. Níl na fir in ionannas, éirigh-se amach: táir ró-íseal don gcuid eile. Cuir na rudaidhe sin go léir in ionannas: cómhfhaid, cómhaoirde nó pé cuma theastuighid. Fan in ionannas ar mo dhrom nó ní iomcharóchad thu: comhthrom: gan do mheádhachtaint do bheith níos mó ar thaobh 'ná ar thaobh eile. Mara rámhann sibh in ionannas ní imtheóchaidh bhur mbád díreach: lé chéile ar chómhtharrac. Níl rogha ná dígh ortha, chuirfinn in ionannas iad: ar chóimhrian. D'fhéadfadh an saoghal do bheith i bhfad níos fearr agam, níl cúrsaidhe ag gluaiseacht in ionannas in ao'chor: dréir a chéile. Dá bhfaghainn ionannas dhéanfainn i bhfad níos fearr: comhthrom, dlighe gach aonne eile. Ionannas ghlóir na mara annso ná taithneóchadh leat: an fhuaim uaigneach chéadna do shíor: an glór céadna gan atharughadh. Ionannas déanta agus datha ar éide na ngárdaidhe: an déanamh 'san dath céadna. Bíodh an uile rud in ionannas agat: san órd cheart.

ionannughadh: *f.* (*-uighthe*) do chur nó do dhéanamh mar a chéile ar mheádhachtaint, faid, etc., do chómhthromughadh, do chodromughadh, comhshamhlacht do theasbáint. An iomad den ualach chun tosaigh, caithfear cuid de do chur chun deiridh d'fhonn é d'ionannughadh sa bhád: é do chur dréir a chéile innte. Breis lé déanamh ge cuid des na fearaibh, is cóir an obair d'ionannughadh eatartha: a chomhthrom féin do thabhairt do gach duine gan breis ná luighead ar a chéile. Téigheann díom dhá thaobh an scéil achrannaigh seo d'ionannughadh: é do bhreith lé chéile: aon chosamhlacht d'fhagháil

eatartha. Ó bhí taobh aca ró-árd a's an taobh eile ró-íseal, d'imrigheas leis an dtaobh a bhí lag chun na himeartha d'ionannughadh: do thabhairt mar a chéile.

ionannuighim: *b.a.* comhthromuighim; deinim amhlaidh a chéile. Ionannuigh na ranna ameasc na ndaoine, a's ná bíodh leathtrom ar neach: tabhair an oiread céadna do chách. Sinne a bhuaidh an cluiche sin, agus ionannuigheann san an imirt, dhá chluiche a's dhá chluiche: cuireann ar chóimhrian í. Mara n-ionannuighir an t-ualach ar do dhrom ní bhéarfair leat choidhche é, tá sé ró-aindeis a's leathcheann air: é do chomhthromughadh: é do chur dréir a chéile mar a luigheann sé ort. Deir cómhachta na Haisile go n-ionannóchaidh siad tíortha na hEóraipe tréis an chogaidh-se .i. go gcuirfear ar chóimhréir iad gan smacht ná ceannas do bheith ag ceann aca ar chuid eile. Má tá cruadhtan féin anois orainn, bímís foidhneach, ionannóchaidh an saoghal é féin fós orainn, ní fuláir .i. feabhasóchaidh i slighe a's go mbeidh breis chomhthruim maireachtana againn. Ionannuigh an ughaim ar an asal, tá leathcheann trom uirthe: cuir an mheádhachtaint céadna i ngach leath-ughaim.

ionathar: *f.1.* na putóga, an inne. Nár mhór an strán a's an cuthach ar fhear é gur dhearbhuigh go scaoilfeadh ionathar a raibh láithreach ar an mbán: go sáidhfead iad a's go dtiocfad a raibh istigh amach. Éist, a dhuine, ach budh ghráineamhail an radharc é, chuir sé an t-ionathar ar crith ionam: scannruigh sé an t-anam asam: chritheas im bhrógaibh roimis. "Chuaidh sé go hionathar ann", deirtear lé haonnidh a ghoirtigheas nó a théigheas isteach go mór. Dá mbeadh sainnt ar dhuine chun ruda, déarfí leis, "tá sé uait idir ionathar a's uile": idir cheann a's chosaibh: é go léir. Éadtromuigh ar do chéachda nó raghair síos go hionathar (na talmhan): corplár. Ní cás duit éad do bheith ort liom, bhuail an oiread san me – an t-ionathar (d'ainmhidhe): na putóga, scarthacha a's a leanas iad.

ionbhadhach: *a.* saosúrdha, tráthamhail, oireamhnach, taithneamhach. Bíonn sé ionbhadhach sioc do theacht um Shamhain: sa tsaosúr aige. Ní raibh aon tsúil agam go raibh mo bhualadh in imirt nách ionbhadhach a bhí mo mharbhthóir (cárta) agat: oireamhnach. Uain ionbhadhach go maith a ránguighis sinn a's an biadh ar siubhal rómhat: in an-am chun an ocrais do bhaint díot má tá ort. Traen ait, mhall í sin ná tháinig riamh ionbhadhach: isteach ar an am atá beartuighthe dhi. Uain ionbhadhach chun éisc seadh í – lag trágha a's gaoth aniar ar thalamh tanaidhe: ádhmharach caothamhail. Beidh gealach ionbhadhach againn ag scaoileadh fén mbóthar: fabhrach. Tá sé ionbhadhach ag duine braoinín do chaitheamh anois agus airís ach gan dul thar cailc: oireamhnach: ní bhíonn sé as an slighe aige. Is ionbhadhach lé Dia duine bocht, súgach .i. taithnigheann a lithéid leis. Tiocfaidh an ceart go hionbhadhach, ní bheidh rith an ráis leis an éagcóir i gcómhnaidhe: in am thráth: cúiteófar an uile mhícheart leis an aimsir.

ionbhaidhe: *b.4.* tráth nó uain áirighthe go mbíonn rud lé tárlachtaint; tráth tuartha; tráth tuismhidh, cao saosúr. Drochoidhche iascaigh a dhéanfaidh sí, níl aon ionbhaidhe ann: ní bheidh am áirighthe den dtaoide ag teacht le ham áirighthe den oidhche in ionadaibh áirighthe den bhfarraige; c.i.g., briseadh aithbhe lé tuiteam oidhche i mball áirighthe agus mar sin de. Tá an traen in ionbhaidhe ach níl sí ann fós: tá sí in áit áirighthe ar an am ceart, ach níor shroich sí a triall fós. Cathain bheidh ionbhaidhe na bó so suas?: cathain is ceart di breith? Freagair ionbhaidhe do ghnótha nó beidh thiar ort: an tráth ceart chun a

dhéanta. Isteach sa bhfóghmhar seadh bhíonn an scadán in ionbhaidhe cheart a ithte: i saosúr: an t-am áirighthe den mbliadhain gur fearr lé n-itheadh é dréir a nádúrdha. Ná bídh ag brughadh ar a chéile d'iarraidh tosach do bheith agaibh, fanadh gach n-aon lé n-a ionbhaidhe: leis an am atá ag dul dréir a ionaid. Bhí an láir le searrach do bheith aice an mí seo caithte ach chuaidh sí thar a hionbhaidhe: thar a haimsir: a haistear: an ceanntráth gur cheart di searrach do bhreith. Tá sé in ionbhaidhe na bliadhna anois aige fuacht do bheith ann: is mithid do. Is ait liom duine chómh hóg leis d'árdach as an saoghal, cé déarfaidh nách í a ionbhaidhe a bhí tagtha: sprioclá a shaoghail: an méid a bhí ceapuighthe do.

ionchas: (**únachas**) *f.1.* súil, dóchas, deallramhthacht, coinne lé, brath lé. Is fada roime sin do bhí sé in ionchas go bhfaigheadh sé an bheart a bhí ge n-a athair nuair raghadh seisean ar a tháille a's budh mhór é a neamhchoinne nuair ná fuair: súil láidir aige. Lé hionchas go bhfaigheadh sé rud éigin dár mbarr bhí sé an-phlámásach: le coinne, ag súil lé. Táim thar ionchas a fhagháil anois, an rud a théigheas i bhfaid téigheann sé i bhfuaire: níl aon dóchas fágtha agam. Ionchas go raibh airgead chugham indiu a thug annso me: dóchas nó coinne.

ioncholnughadh: *f.* (*-uighthe*) do ghabháil nó do thabhairt feirm chorpardha dho. An t-ioncholnughadh: gabháil nó teacht Íosa Chríost i gcolainn daonna agus a nádúir.

ioncholnuighthe: *a.r.* corpuighthe, glactha i gcorp. Dia ioncholnuighthe: Dia daonna: corp a's nádúir dhaonna glactha ag Críost. Go saorair sinn air, nách é an diabhal ioncholnuighthe é: an diabhal corónta, ceart: an diabhal i gcolainn daonna.

ionchómhartha: *a.* soiléir, soiléasta, iontugtha fé ndeara. Is oth liom a rádh leat, cé ná déarfadh aonne é ach duine muinnteardha, ach tá do bhóithre ionchómhartha gen saoghal mór: na nidhthe a ghnír soiléir do chách. Sin cainnt ionchómhartha ar an bpáipéar indiu i dtaobh na gcómhacht so ná fuil i dtreis cogaidh fós: gur fiú a tabhairt fé ndeara toisc na tuairme atá innte ar cad tá fútha do dhéanamh.

iondual: *a.* an-ghnáthach. Is iondual an Aoine bheith bun os cionn leis an gcuid eile den seachtmhain: is annamh gur b'é an saghas céadna lae í.

ionfairt: *b.2.* (do) chorruighe, iomlat, suaineáil, suathadh, tuairt, brughadh, ósbairt. Ná bí ghom ionfairt nó ní fhéadfad scríobh agat: ghom chorruighe. Thugas fé ndeara ionfairt san uisce go raibh a fhios agam go raibh rud éigin ann: corruighe an usice. Dá aosta é bíonn sé ag ionfairt fós: d'iarraidh beagáin do dhéanamh. Ag gabháil tharm do do bhain sé ionfairt asam nár thaithnigh liom, lé n-a thoil dob é é: suathadh: bualadh orm a chorruigh me. Ionfairt éigin do fuair an gluaisteán a's an gárda (gutaidh) do bhriseadh: suaineáil thar ceart. Capall an-shuaidhte fé thrucaill seadh é bíonn sé ghá ionfairt féin: ag déanamh corruighthe a chroitheas an trucaill: bíonn sé neamhshocair. Bainimís ionfairt eile as an gcarraig: iompuighimís é: stiallálaimís í etc. Ní chuirfidh a dhúthracht choidhche air aon ionfairt oibre ná duaidh do bhaint as féin: corruighe a bhraithfeadh sé. Ionfairt do baineadh as an láir go raibh mairiach aice: suathadh sara raibh a hionbhaidh istigh gur chaith sí searrach. Beidh ionfairt ort anois go leagfair an lampa san chómh

deimhnightheach a's tá grian ar spéir: beir ag corruighe 'sag bualadh ar rudaidhibh. Druididh siar uaim a's tugaidh slighe ionfairte agam: oiread a's gur féidir liom áis do bhaint as mo ghéagaibh a's corruighe im thímcheall. Déanfaidh sé an bheart cé gur go caol é ach gan aon ionfairt do thabhairt do: caithfear bheith aireach air ná suaidhtear é. Ná tabhair aon ionfairt d'aonne: ná goirtigh neach. Néal chodlata níor thuit orm ach ag ionfairt ag iompódh ó thaobh taobh 'sag corruighe go míoshuaimhneasach.

ionfairteach: *a.* míoshuaimhneasach, corruightheach, neamhshocair, guagach, corrthónach, ósbairteach. Caithfead éirghe den suidheachán agat, is tú an duine is ionfairtighe beó: do shíor ag corruighe: ag suathadh. Cómhnaidhe ná sos ní néann sé in aon áit, tá aigne ró-ionfairteach aige: luath-intinneach: neamhshocair. Sé a ghoirtigh mise go raibh an fear eile ró-ionfairteach fén ualach a's baineadh an iomad suathaidh asam: neamhshocair: suaineálach. Obair ionfairteach do dhuine bheith ag iomchar ualaighe troma in aghaidh an lae ar a dhrom: goirtightheach: bascuightheach. Stáitse ionfairteach é, má cuirtear aon tsuim ualaigh air anuas leis: neamhshocair.

ionfartach: *f.1.* duine, ainmhidhe, nó rud neamhshocair. Triúr ionfartach i mbád gur conntabhairt bheith ar farraige leó: útamálaidhthe. Ní treabhthaidhe an capall san, níl ann ach ionfartach: ainmhidhe guagach, ná fanann díreach. Dar ndóigh ní tuigtear duit-se gur oibridhe thu? níl ionat ach ionfartach: ablálaidhe. Ionfartach i dtigh tábhairne seadh é: ná fanann socair: a bhíos ag déanamh suathaidh.

ionfartaim: (**ionfartuighim**) *b.a. 7 n-a.* Ar do chluais ná hionfairt (hionfartuigh) nó leagfair a bhfuil id thímcheall: ná cuir corruighe neamhaireach asat féin. Ionfartuigheadh é sa bhrughtam tímcheall na peile a's tá bacach fós: suathadh é gur goirtigheadh é. Sin peann slachtmhar agat a's más maith leat í do bheith buan ná hionfartuigh í: ná tabhair ósbairt di. D'ionfartuigh sé é féin sa bhád gur bhuail a béal fúithe: rinne sé corruighe nár oir di. D'ionfartuigh sé é féin rómhór as a óige, indiu tá a dheasca ag teacht leis: chuir sé an iomad oibre air féin agus thug droichdhéanamh do féin ar mhórán slighe eile. Druid isteach leis, cá bhfuil t'eagla roimis? a's ionfartuigh é: suathaidh é. Pé rud a dhéanfair nó ná déanfair san imirt seo, ná hionfartuigh tu féin: ná tabhair aon ósbairt duit féin. Nách salach an mhuc í, cár ionfartuigh í fein?: d'iomloisc.

ionfartálaidhe: *f.4.* ionfartach, duine nó ainmhidhe míoshuaimhneasach, útamálaidhe. Ambaiste féin, cuir uait, ionfartálaidhe maith chun an tsaoghail seadh é: duine a ghníos salacharghál oibre: a bhíos ag bruic ar a dhícheall leis. Is tú an t-ionfartálaidhe agam ag rith ó thigh go tigh a's ó chuideachtain go cuideachtain: duine gan stuidéar sosa. Ní mhaireann sé beó an t-ionfartálaidhe eile a leagfadh an t-árus san den siolpa ach thu: duine neamhchúramach: útamálaidhe. Dar an leabhar breac so, dá méid locht a gheibhtear air, ionfartálaidhe grádhmhar seadh é: duine a bhíos d'iarraidh tarrac leis chómh maith agus d'fhéadann. Leabaidh iarainn nár mhór don ionfartálaidhe san: duine a bhíos go míoshuaimhneasach innte.

ionga: *b.5.* an sleamhanc éadtrom teilgin cnámhaigh a bhíos ar uachtar barr méar cos a's lámh a's órdóg an duine, liodán éin, gatha ainmhidhe ceathairchosach, an sceó ar chrúib ainmhidhe mar a gcuirtear na tairngidhe crúdh, faid dhá órdlaigh agus ceathramha; goin.

Ná bí ag gearán anois níl dubh m'iongan ort: mágáine: faic in ao'chor: toirt an riain a fhágfadh priocadh óm ingin. Ní fada ná go mbeidh ar bhur dtoil féin agaibh, táid ag tosnughadh ar chlaoidhe, coimeádaidh an ionga dhearg ortha .i. an teannadh gonta. Mo mhairg a's ní gábhadh dho bheith ag cáiseamh an méid do thógas-sa, ní dhearna ach m'ionga do chur ann .i. blúire beag do ghreamughadh. Áit chómh géar, éirighthe ná faghfá greim iongan ann: uachtar sleamhain air. Is mór mar luigheadh an ionga ar an bhfear mbocht nuair briseadh gan chúis gan adhbhar é: deineadh a dhíth. Ionga eile dá dtéigheadh an scian bhí a ghnóth déanta!: faid bheag eile níos sia 'ná mar chuaidh a's bhí sé marbh. Tá an iall ionga bheag gearra ní iadhfadh sí an bhróg: blúire beag. Is dian a chuaidh an dá chapall ar a chéile sa rás ná raibh ionga aca ar a chéile: bhíodar cómhtharrac. Dubhairt sé go raibh an bád chómh tairngthe lé hiongain fáinleóige: caol: líomhtha: deaghchúmtha. Chuirfeadh san a ingne ionat: scríobfadh sé thu: bhascfadh ar chuma éigin. Ní haon iongadh don gcapall tairnge do dhul i mbeó aige, nách shin í an ionga caithte air cheal cruite: sceó na crúibe tímcheall. Ó thugais an ionga caith an t-órdlach: ó thugais an oiread, nó ó leanais de chómh fada críochnuigh amach é, nó tabhair a bhfuil ionat. Táim scubhtha chun gal, léan ort, tabhair dom ionga bheag (tobac) do chuirfead fém chúilfhiacail: cáithne beag. Ná géill ionga dhóibh: aon phioc. Nuair bhíos óg bhínn claon lé hingne fáis: iodhna fáis: freangaidhe lúthach a thagas ar dhaoinibh óga (cuirtí i leith fáis iad, anois tuigtear ná fuil ionta ach saghas dathacha). Cuirfead-sa ingne fáis ort: freangaidhe tinnis. An ionga dhearg do choimeád ar rud .i. leanamhaint de ar an aiste dhian chéadna: cothughadh do chongbháil ar rud nó gan sos ná lagughadh ar an iarracht. Ar mholadh dhom do ciall do bheith aige in ionad teacht liom is amhlaidh d'éirigh sé ar a ingnibh deiridh chugham gur dhóigh leat go stracfadh as a chéile me: tháinig cuthach a's fearg air chugham. Á, is me atá i gceart fé n-a ingin aige: fé smacht. Tá sé óm ingin anois agus is maith an bhail air mar smachtóchainn-se an barránach san: óm bhuannacht. Ní fearr Éire ná órdlach is ní fearr an saoghal mór 'ná ionga .i. ós rud é go scarfadh duine lé n-a anam ó chonntabhairt dá fheabhas a scarann leis bíonn an cúrsa go maith aige ó bheireann sé na cosa in ao'chor leis.

ionghabháil: *b.3.* déanamh, ceann, ionnramháil. Is olc an ionghabháil ar éadach lá shaoire a's Dhomhnaigh bheith ghá chaitheamh gach aon lá: an déanamh: an ceann do thabhairt do. Meas madra ní bheadh agam tréis na hionghabhála do thug sé dá mháthair bhoicht, dhealbh, níor fhéach sé siar uirthe agus í 'n-a ghanntar: an droichcheann. Tugann san ionghabháil mhaith dos gach aonne a thagas treasna air, dá bharr táthar buidheach de: bíonn 'n-a gcúram.

iongantach: (**iongtach**) *a.* éachtach, ait, oll-mhór, lán, éagsamhlach, neamhghnáthach, sáruightheach. Radharc iongantach ó Cheann Shléibhe, farraige fhairsing, oileáin, faillteacha géara seasuightheacha: radharc go ndéanfadh duine nath mhór de. Is iongantach a bhfuil d'áthraighibh aoir sa chogadh so i gcómhnáird leis an gcogadh cheana: is mór go léir é a líon. Is iongantach an misneach do dhuine dul ag troid san aer a's a luighead caoi ar éalódh as: éachtach .i. corruigheann sé mothála an duine gan ach cuimhneamh air .i. cuireann áidhbhéil ar an gcroidhe istigh. B'é an rud dob iongantaighe leis riamh rud ar an bhfarraige ag imtheacht i gcoinnibh na gaoithe mar ná raibh aon dul amach ar an dtaoide aige: chuir sé áidhbhéil air go bhféadfadh a lithéid tárlachaint: sháruigh sé a thuigsint. Fear iongantach a dhéanfadh é, é féin d'fhágaint chun deiridh

d'fhonn duine eile do dhul chun cinn: togha fir. Is iongantach liom-sa go dtabharfadh sé cianóg d'aonne gan bac lé púnt, mar gur beag don bhféile ann: is ait liom é: téigheann sé dhíom a thuigsint. Ar bh'iongantach leat a rádh leat ná faghair dubh t'iongan d'aonnidh ar cáirde sa tigh sin dá mhéid dóchas a bhí agat: an gcuireann san aiteas ort? Dar fiadh, is iongantach an rud gur thugais do theanga leat: is éachtach é: sáruigheann sé an tuigsint: budh mhór an obair duit é a's a righne ataoi. Is iongantach an neart a bhí ins an té a thógadh capall den dtalamh: áidhbhéil. Cad ar gur b'iongantaighe é?: cad é an rud is fearr do dheineann sé? Seo oideas atá go hiongantach ar dhathacha: go maith chun iad do leigheas. Bítear go hiongantach dom im árus nuadh: na cómharsain go han-mhaith ar fad dom. Beidh lá iongantach ann: lá go mbainfear aoibhneas a's subháilceas as. Is mó fear buailte liom ach is é fear é is neimhiongantaighe dhíobh go léir é, níl allus ná náire ann: duine a loirgeóchadh an rud budh mhó lúib istigh agat ann nó a dhéanfadh buannaidheacht gan chóir gan chead. Budh neimhiongantaighe an fear a chuaidh ag lorg fiche púnt ort a's na fichididhe cheana agat air .i. fear ná músclóchadh aon rud náire ann. Is neimhiongantaighe é: deirtear lé duine a ghníos rud ró-bhuannachtamhail.

iongantaiseach: (**iongtaiseach**) *a.* bheith ar aiste iongadh do bheith ar dhuine. An iongantaiseach leat go bhfuilim annso?: ná fuil sé de chóir a's de cheart agam chómh maith lé fear?: an gcuireann sé alltacht nó aiteas ort?: nách dóigh leat ná gur cuibhe dhom é? Nách iongantaiseach ataoi, airgead do bheith agam: nách mór an phreab do bhaineann sé asat. Is iongantaiseach bheadh duine rud do bheith ag daoinibh eile .i. b'ait leó é lé n-a neamhghnáthaighe ach féach ag duine é nách beadh aon tuairm agat 'n-a thaobh. Bír an-iongantaiseach fé aonnidh a bhíos ag aonne ach agat féin: deinir cainnt di: tagann sé ait ort: dar leat ní cóir é.

iongantas: (**iongtas**) *f.1.* alltacht, rud, duine nó teangmháil, etc. a mhúsclas motháilt obann ionainn; gníomh, aiste nó teangmháil gan choinne leis; áidhbhéil; éacht. Tá an t-iongantas Éireann céille aige: níl aon teóra léi: éacht céille: bhainfeadh an méid atá aige dhi preab asat. Ceann de sheacht n-iongtaisidhibh an domhain atharrach aigne do theacht air: bhí sé chómh calcuighthe sin gur dhóigh lé duine ná raibh aon atharrughadh lé dul choidhche air. Ná tagadh sé 'n-a iongantas ort a chlos go bhfuil sé beó bocht dealbh tréis teiste an airgid go léir: rud go gcuirfeá suim mhór ann toisc a neamhchoinne: áidhbhéil. Aon rud do dhéanfá ní chuirfeadh pioc iongantais orm, mar is maith is eól dom thu: ní dhéanfadh aon chorruighe aigne orm. B'é iongantas na n-iongantas an Fhrainnc aintréan do chlaoidhe 'n-a ghiorracht aimsire: is ródheacair do thuigsint, an duine a mheabhrughadh connus deineadh é. Ar gach cuma go maidean go dtógfá é, iongantas seadh é, níl aon rud a raghadh de: duine a chorróchadh t'inchinn le háidhbhéil a fheabhasa. Loirg an bochtán m'inghean i gcleamhnas orm a's gan aon iongantas tríd air: níor chorruigh sé pioc é: b'é a cheart dar leis í d'fhagháil. Ní bheadh aon iongantas orm dá mbuaidhfí orainn ar an drochchlódh imeartha atá orainn: ní thiocfadh sé de thapaidhean orm: meabhruighim go dtárlóchadh sé chómh furaiste lé haonnidh eile. Cuir díot an t-iongantas, is fíor é: ná deineadh sé aon mhairg aigne dhuit, glac leis.

iongantasamhail: (**iongtasamhail**) *a.* éachtach, mearuightheach, lán d'iongadh, suaithinseach. Ní hiongantasamhail lé haonne go ndeárnais chómh maith mar ná raibh súil lé n-a mhalairt ag aonne uait: ní théigheann sé thar thuigsint aonne. Thug sé súil

iongantasamhail nuair chonnaic sé me mar ná raibh coinne aige go rabhas cómhgar céad míle dho .i. súil gur dheacair léi a chreideamhaint gur me a bhí ann: gur baineadh geit aiste. Tír iongantasamhail seadh an Éigipt go bhfuil "piarasaidhe" no leachta móra agus tuambaidhe a chuireas leathadh ar shúilibh an duine amharc ortha: tír shuaithinseach nách féidir a thuigsint connus dhein lámh an duine na foirgnimh seo.

iongadh: (**iongnadh**) *f.1.* suaitheantas, rud neamhghnáthach, rud a chuirfeadh chun machtnaimh lé n-a fheabhas, a bhreághtacht, etc.; fonn feasa. Bhí iongadh ag teacht orm an dtiocfá, bhís chómh mall san: faitchíos ag teacht orm. Bead-sa ann, nidh nách iongadh san, má fhéadaim in ao'chor é, má bhíonn aonne ann: nidh ná bainfeadh aon phreab as aonne. An bhfuil iongadh ort cad tá sa mhála san?: an bhfuil sé ag déanamh tinnis aigne dhuit? Is cuma cad dhéanfadh sé anois ní chuirfeadh sé iongadh ar aonne: aon mhairg. Ní dheineann súd aon iongadh dhe féin, pé duine eile a dheineas iongadh dhe: ní chuireann sé nath in aon rud is cuma cá neamhghnáthach, ait do. Gach aon rud socair ar a dtoil féin aca, rith an ráis leó, dar leó, nuair bhuail chúcha isteach an té a shaoileadar go raibh a chúram go deó curtha aca dhíobh, b'shin é an t-iongadh: b'shin an rud a chuir sceitimínidhe ortha: an rud a mhearuigh iad toisc gan coinne do bheith leis. Chómh haosta neamhshuimeamhail sin anois ná deineann iongadh d'aonnidh: ní thógann ceann de rud ar bith 'n-a thímcheall. Ar feadh i bhfad bhíos in iongadh cér bh'é thu féin: ag machtnamh 'sag machtnamh gan bheith dearbhtha. Cár bh'iongadh liom é bheith ar lorg mná dá mbeadh ar a chumas í do chothughadh: níor bh'ait liom é.

iongnais: *b.2.* ceal, uireasbhaidh, do bheith gan, éaghmais. Déanfad-sa an gnóth in iongnais an chabhartha ó neach eile: i gceal: gan a fagháil. "Cá bhfuil mo hata?" – "imthighthe, dein dá iongnais": dá cheal. Is deacair dúinn déanamh in iongnais adhbhair léightheíreachta: gan a bheith ann. Ní raibh a bhac orm é do cheannach, mar bhí airgead im phóca, in iongnais sin bhí airgead sa bhannc agam: gan bheith ag brath air sin in ao'chor. Is leór an cárta san chun buaidhte, dá iongnais sin, tá cárta eile agam: dá éaghmais: gan é do bheith ann in ao'chor. Éist do bhéal, déanfar an gnóth in iongnais do chuid cainnte: gan focal uait. Dá iongnais sin a's uile, tá cúis eile ort: ar an dtaobh amuigh de. Tá thiar anois orm, táim gan aon chathaoir, ná aon rud do chuirfinn 'n-a hiongnais: 'n-a hionad. Mór an truagh aonne a bhíos in iongnais a shláinte: dá ceal. An bhfuil iongnais íle ar an lampa san?: ceal. Buidheach 'e Dhia, níl aon iongnais sa tsaoghal orm: uireasbhaidh.

ionlaoigh: *a.* gamhain nó laogh do bheith ar iomchar ag buin. Ba ionlaoigh budh dhaoire ar an aonach: ag iomchar gamhna.

ionlas: *f.1.* drithleannach, faoidhe. Is mór go léir an t-ionlas atá gen lampa san, chídhfeá an frighe do bhaint leis: solas láidir, soiléasta. B'aoibhinn leat ionlas na gealaighe ag lonnradh ar chuan a's ar shliabh: loinnir: taithneamh solasmhar.

ionmhain: *a.* grádhmhar, dílis, ceannamhail. Is ionmhain lém chroidhe istigh do chuideachta: tá cion mór agam duit. Annamh riamh do labhair aonne liom níos ionmhaine ná é, lághach, mín: níos síbhialta: deaghmhúinte. "...budh mhian linn, ní hé amháin soiscéal Dé do roinn libh acht ár n-anama féin mar an gcéadna, de bhrigh go rabhabhair

ró-ionmhain dúinn" (1. Thes II. 8): go rabhamair árd-cheanamhail oraibh: gar mór againn sibh. "An bhean dob annsa liom fén ngréin a's nár bh'annsa léi me ar bith, etc.": an bhean is mó go raibh mo chroidhe innte. Níor bh'ionmhain aige í a's budh bheag a chathughadh le linn a héagtha: ní raibh cion aige dhi. M'ionmhain thu, a's ná tréig me, ní mhairfinn it iongnais: mo chroidhe istigh thu. Thug sé grádh go hionmhain di: aon bhean eile ní bhfaghadh uaidh a bhfuair sí uaidh. B'ionmhain an rud an t-anam leis, budh chuma leis a chuid acht é féin do theacht saor: budh mhilis aige é: tosach do ar shaidhbhreas an domhain. Mórán clainne gurb ionmhaine leó an mháthair 'ná an t-athair: gur ceanamhla leo. Is í an tsíothcháin is ionmhaine liom: is fearr.

ionmhaine: *b.4.* grádh, cion, combáidh, taithneamh. Is beag é ionmhaine tíortha dá chéile sa tsaoghal so ach luighe leis an dtaobh láidir: an chombáidh. Riamh tá ionmhaine againn don bhFrainnc a's don Spáinn: cion: is ortha is mó bhímíd ag cuimhneamh lé linn broide. Ag dul in ionmhaine ort atáim lém choidreamh ort: breis cheana ag teacht duit agam.

ionmhaineach: *a.* grádhmhar, lághach, cneasta, taithneamhach. Is ionmhaineach an chuideachta fir é, chaithfeá do lá a's do shaoghal ag éisteacht lé n-a eachtraidhthibh: budh rómhian leat é. Labhras chómh hionmhaineach leis a's d'fhéadas é d'iarraidh a mhaoluighthe: go mín, lághach. Cailín ionmhaineach lé labhairt léi a's ar gach aon tslighe eile: grádhmhar: síbhialta. Seadh, tá sé lé maoidheamh aige go raibh sé ionmhaineach ges gach aonne, go ndéanfaidís aon rud do: taithneamh ag gach duine dho. Teanga ionmhaineach aice nár chuala riamh ag tromaidheacht ar aonne: séimh, cineálta. Is beag duine is ionmhainighe liom 'ná é, d'imreóchainn m'anam do: is ceanamhla liom: is giorra don chroidhe.

ionnalta: *a.r.* nighte, folcuighthe. Éirigh amach as, is mithid duit bheith ionnalta: nighte ó shalachar: glanta. Uisce chómh holc san ná déanfainn uisce ionnalta dhe: chun rud do nighe ann. Mo chosa ionnalta agam, m'aghaidh a's mo lámha nighte, a's mo chorp folctha. Bhí an corpán ionnalta, sínte amach ar an gclár: tonnachán na marbh déanta air. Árus ionnalta: go nighfeadh duine a aghaidh 'sa lámha ann. Dabhach ionnalta: iomar mór chun éadaighe do nighe ann.

ionnaltach: *a.* oireamhnach chun nighte, glanta. Ní huisce ionnaltach é sin, tá sé róchruaidh: ní maith é chun nigheacháin.

ionnaltóir: *f.3.* duine a nigheas. Ceathrar ionnaltóiridhe ban a bhí tímcheall an mhairbh: mná tonachán (tonachta).

ionnamhail: *a.* cosamhail, ionann, deallramhtach. Nách ionnamhail lé n-a athair é n-a chlódh a's n-a mheón: cosamhail lé. Bás obann do fuair sé, a's thárluigh crích ionnamhail dá dhreatháir, lámhach sé é féin le cinneamhaint: deallramhtach leis. Táir rólag, ró-óg, nílir ionnamhail don bhfarraige in ao'chor: oireamhnach. Mise an fear atá ionnamhail duit aon lá gur mian leat tástáil do bheith agat ort féin: maith do dhóthain duit. Ní raibh long dá hionnamhail ar an bpoll!: lé cur i gcomórtas léi. Is mór gur ionnamhla an chlann mhac ná an chlann inghean: gur mó a ndeallramh lé chéile.

ionnamhlacht: *b.3.* cosamhlacht, deallramhtacht. Pioc ionnamhlachta ní thugaim fé ndeara 'n-a gceannaghthaibh dá ghiorracht a ngaol: ní shamhlóchadh aonne lé chéile iad: níl aon rud i ndeallramh aonne aca mar tá ag an nduine eile. Ní bhacfad tharm é nílim in ionnamhlacht do: maith a dhóthain do: ní haon chomórtas do me. Is mór é ionnamhlacht an choinín a's an ghirrfhiaidh: an chuma chéadna ortha ach gan iad ar aon toirt.

ionnarba: (**ionarba**) *f.4.* díbirt, ruagadh, deóraidheacht, fán, scriosadh. Bhí sé ar ionnarba as Éirinn ar feadh i bhfad a's ní raibh cead fillte aige: ruagtha: i ndeóraidheacht. Cuirfead ionnarba ar do chuid ainmhidhthe mara gcoimeádair agat féin iad, táim scriosta aca: cuirfead lé fuacht a's lé fán iad. Tugadh ionnarba dos na Giúdaigh as an nGearmáin gan puinn truaigh dóibh: díbrigheadh iad: cuireadh ar fán iad. Cuireadh ionnarba ar fhórsaidhibh Shasana as an bhFrainnc a's budh geairrid Dia leó teicheadh: cuireadh deargruathar ortha.

ionnarbaim: (**ionarbaim**) *b.a.* díbrim, ruagaim, cuirim lé fán. Aon dul ar theacht thar n-ais 'on tigh seo aige sin, is fadó hionnarbadh é: díbreadh. Cad d'ionnarb na seabhaic ghorma go léir a bhíodh annso fadó, is beag ceann aca chídhfeá: cad do chuir an ruaig ortha nó a dhísc iad.

ionnarbtha: (**ionarbtha**) *a.r.* ruaigthe; díbeartha (díbrighthe); curtha lé fán. Is fada riamh atá an fiolar ionnarbtha ón gceanntar so: curtha lé fán: díscighthe. Tá sé ionnarbtha ó scoil lé droichiomchar: díbeartha: curtha chun siubhail.

ionnas: *f.1.* aiste, nós, coingheall, slighe, cuma, nádúir, clódh, codrom, coimheas, comhthromas. Ná cuirtear an ceann ar an dtigh go mbí na fallaidhe in ionnas gan lag ná árdán: comhthrom in aoirde: ar libhéal: ar cóimhleabaidh na gclocha. Ní bhfuairis an tómhas .i. is baoghal, is beag liom an toirt atá fachta agat: an tómhas dleaghthach. Níl do mhaididhe rámha in ionnas ón ngunail isteach: nílid cómhfhaid. Ionnas na muice seadh itheann sé, an sutha salach: ar nós: ar shlighe. Ionnas mar bhí sé indé atá sé indiu gan feabhas gan olcas: ar an aiste chéadna. Léimeann sé ionnas an éin: chómh héadtrom, éascaidh. Creid me leis ná rabhas in ionnas go dtiocfadh a lithéid de dhuine chugham: ag súil lé. Tá sé in ionnas cheart anois agat, i dhá gceann na meádha go cruinn: ar chómhchomhthrom: an mheádhachtaint cheart ar gach taobh. Tá sparán aige ionnas dá mbeadh airgead aige go gcuirfeadh sé ann é: i slighe go: 'n-a chóir. D'éirigheas go moch, mar bhí turus fada rómham ionnas go mbeinn in am: d'fhonn, i slighe a's go mbeinn.

ionnas: *a.* comhthrom, ar meádh. Níl an ghloine ionnas ar an lampa: comhthrom: mar a chéile mórthímcheall: ar chóimhrian. Dá mbeadh na púint íme ionnas sa bhosca raghaidís go léir ann: curtha comhthrom 'n-a luighe lé chéile. Uimhreacha ionnais 2, 4, 6, 8, 10, uimhreacha cruiceacha 3, 5, 7, 9. Níl an bórd ionnas ar an dtalamh, tá cos leis ag corruighe: dréir a chéile.

ionnfhuar: (**fionnfhuar**) *a.* ar aiste go mbeadh an teas mór imthighthe as; ar chéim teódhachta níos aoirde ná "fuar" a's níos ísle ná "te"; i gcómhnáird lé teas áidhbhéil, mothughadh subháilceach úire a's ceal teasa. Is subháilceach an rud deoch fíor-uisce ionnfhuair lá beirbhthe samhraidh: go mbrathfadh duine a úire a's a bhlastacht spreagtha

lé linn a ólta. Aon obair níor bh'fhéidir do dhéanamh i lár an lae leis an dteas beirbhthe go tráthnóna ionnfhuar: nuair bhíodh maoile dulta air. Tráthnóna ionnfhuar tréis lae te, beirbhthe. Níl an té ionnfhuar a dhóthain lé n-ól, scólfadh sé thu mar tá sé: níl an teas luigheaduighthe go leór. Cuid mhaith den bhfiabhras imthighthe dhe tá a éadann ionnfhuar: an teas mór imthighthe as. Cuir léine éadtrom, ionnfhuar ort sa teas so: claon leis an dteas mór do luigheadughadh go breágh don gcolainn. Suidh annso fé scáth an chrainn, tá sé ionnfhuar ann: bog, breágh seachas an teas mórthímcheall.

ionnfhuar: (**fionnfhuar**) *f.1.* tráth nó áit go mbíonn an teódhacht mallabhog. Iomad teasa anois ann chun taistil, fanfad le hionnfhuar an tráthnóna: tráth go mbeidh maolughadh mór ar an dteas. Oscail an doras agus scaoil isteach an t-ionnfhuar ní sheasóchadh aonne an brothal so: leóithne nó aer a mhaolóchaidh an teas. Dá mbeimís ar mhullach an chnuic bheadh ionnfhuar againn ann: lagughadh nó maolughadh ar an dteas de chionn leóithne gaoithe nó aoirde go mbrathfadh duine níos subháilcighe. Suidh in ionnfhuar an chrainn ó theas na gréine .i. san maolughadh teódhachta de bharr scátha an chrainn. Beidh ionnfhuar cois farraige againn: beidh aer éadtrom mín subháilceach idir "the" agus "fhuar". Nách te an mío-ádh súip é, níl aon ionnfhuar ag dul air: maolughadh.

ionnfhuaradh: (**fionnfhuaradh**) *f.* (*-rtha*) do dhéanamh ionnfhuar, do mhaolughadh teasa. Tá saoghal agat ghot ionnfhuaradh féin cois farraige seachas daoine eile atá ag obair i seómraidhibh múchta fén gcathair: ag gabháil leóithne a's aoir thaithneamhaigh. Is éigean dom é seo d'ionnfhuaradh ar dtúis sara bhféadad barr mo phuis do bhualadh air lé teas: é d'fhuaradh go mbeidh ionólta. Leig do é féin d'ionnfhuaradh go maith ag feitheamh mar is air siúd féin ná beadh an deabhadh chun aonne: tagadh fuacht anois air ó bheith ag feitheamh. Téighir isteach 'on tsáile ghot ionnfhuaradh féin: do chur an teasa cuirp díot. Leig amach an súp ar an bpláta ag ionnfhuaradh: go n-imthighidh an teas as a's go mbí ionchaithte. Seómra ionnfhuartha an bhainne: seómra chun a choimeádta gan giosáil: gan teas thar meón do leigeant air. Ní haon ionnfhuaradh atá ag teacht ar an gcogadh: maolughadh.

ionnfhuaraim: (**fionnfhuaraim**) *b.a.* 7 *n-a.* maoluighim teas. Ionnfhuarfaidh an siolla an phraiseach: bainfidh sé an teas aiste. Ionnfhuarfad me féin go maith dréir deallraimh sa doras so sara leigfear isteach me: coimeádfar seal maith ag feitheamh me. B'fhéidir go n-ionnfhuarfainn-se thu mara stadfá: go mbainfinn smut den dteasbhach díot. D'ionnfhuar an braon báistighe sin an t-aer: bhog é: do bhain an nimh as. Má tá fearg air ionnfhuaradh sé é féin: cuireadh de í diaidh ar ndiaidh.

ionnladh: *f.* (*-naltha*, *-aidh*) nighe, glanadh lé huisce, folcadh. Adhlacadh gan ionnladh do gheibheann an saighdiúir bocht: gan a nighe. Uisce ionnlatha cos ní ceart do chaitheamh amach roim maidin: uisce a nighte. Cuid mhór ghalbhúnaighe nár mhór chun a ionnlatha .i. tá sé an-shalach. Sa tseanreacht béas ag lucht cuairde a gcosa d'ionnladh ar theacht i dtigh deóranta: do nighe a's do ghlanadh. An bhean do ghníodh a hionnladh féin i bhfolcain fíona báin do bhí réim fúithe: é féin d'fholcadh nó d'fhotharaga.

ionnlaim: *b.a.* nighim, glanaim, bainim an salachar as. Ionnlaidh do lámha a's t'aghaidh, sin uisce a's galbhúnach agat: nigh a's glan iad. Brathaim ar nós an bhric anois d'ionnlas

(d'ionnluigheas) mé féin go háluinn sa bhfarraige: d'fholcas me féin: nigheas me féin lé snámh.

ionnmhas: *f.1. 7 3.* maoin, saidhbhreas, conách. Lucht an ionnmhasa lucht an cheannais: an dream go mbíonn an saidhbhreas aca is iad a bhíos in uachtar. Ionnmhas gan sonas atá aige: breis a's a dhóthain aige ach gan aon tsubháilceas as trí uireasbaidh sláinte nó díth éigin eile. Talmhaintidhe, muilte, tighthe, airgead tirim aige, ionnmhas an domhain: saidhbhreas mór. Nách sona fear na sláinte 'ná fear an ionnmhasa: is fearr an tsláinte 'ná na táinte. Ionnmhas seadh púnt ameasc daoine dealbha: is mór an chuid é. Ionnmhas na dtíortha dhá chaitheamh ar chogaidhibh a's gur mhór leó pioc de do chaitheamh ar oibreachaibh don sclábhaidhe: saidhbhreas: an teacht atá aca ar chumas airgid do bheith aca.

ionnmhasach: *a.* saidhbhir, gustalach. Ar ar rug d'anródh a's de chaitheamh air bheadh sé chómh dealbh lém bhais mara mbeadh é do bheith ionnmhasach: cumas do bheith ar luach airgid aige. Tír ionnmhasach seadh Mearaice, níl aon rud a bheadh ag tastáil ó dhaoinibh ná go bhfuil innte idir thoradh agus mhianach: flúirse seifteanna a's déanmhas.

ionnracas: (**ionracas**) *f.1.* dírighe, macántacht, cóir, ceart, neamhurchóid, comhthrom, meas, fabhar. Lé hionnracas duit tabharfad mo leabaidh féin duit, ní gábhadh corruighe as an láthair 'n-a bhfuilir, oidhche áir mar í seo: mar chómhartha go bhfuil an oiread san measa agam ort. In ionnracas don mharbh seanráta annso seadh gan na cómharsain do dhul ag obair lá an adhlactha: in onóir do. In ionnracas dom thug sé a shuidheachán dom: leis an méid sin measa. Dhíol sé amach a raibh aige chun a chuid fiach d'íoc lé hionnracas an duine: macántacht, dírighe. Dá mbeadh ionnracas lé fagháil tá mórán in íochtar de sheanthreabhachaisidhibh Éireann budh chóir a bheith in uachtar: ceart lé fagháil. Réidhtigheann na cómharsain sin go maith lé chéile, deinid ionnracas dá chéile: comaoinidhe: comhchabhraid le linn an ghádhtair. Ná caith cainnt leis, dhéanfainn breis ionnracais duit 'ná rud do thabhairt ar iasacht duit: chuirfinn comaoin níos tairbhighe 'ná san ort. Faid mhair sé budh mhaith é, ag déanamh ionnracais ar na daoinibh a thug sé a shaoghal, níor shéan a's níor eitigh neach riamh: ag déanamh maitheasa. D'aithneófá gur ag boladhghail ar rud éigin do bhíodar ar an ionnracas a bhí ortha, ag déanamh rud dom gan aonne ghá iarraidh ortha: chúramacht a's a éascaidheacht do bhíodar: a dhúthrachtaighe gan ghábhadh. Táid chómh dothuigseanta neambuidheach dá chéile ná déanfadh do dhícheall ionnracas eatartha: aon iarracht chun a chomhtruim do thabhairt don uile dhuine aca sháróchadh an chuid eile thu. Cailín maith macánta aimsire seadh í, níor mhisde léi breis dá haimsir do thabhairt mar ionnracas gan aon cheisneamh: in aisce lé dúthracht: ar chómhartha comaoine. Níor thaithnigh sé lé cuid mhór a bhíodh ag siubhal air go ndeineadh sé ionnracas do dhaoinibh thar a chéile a's gan aon tuilleamh breise déanta aca air: go mbíodh sé fabhrach dóibh. Bíodh do sheasamh air, den ionnracas cheart é, tháinig daoine roimis gur bh'fhiú ór iad: den mhianach nó síol chóir, cheart. Dá mbeadh aon ionnracas ar do láimh thabharfá an déanamh céadna dos gach aonne a's ní bheadh báidh agat lé cuid aca seachas a chéile: dírigheacht: macántacht. Duine gan aon ionnracas 'n-a chroidhe é: urchóid. An t-ionnracas ag baint chómh mór san leis. Dar leis ní dhéanfadh aonne mícheart: an tsaontacht croidhe a's aigne.

ionnraic: (**ionraic**) *a.* macánta, díreach, cóir, ceart, neamhurchóideach, onórach, dílis, neimhchionntach. Ar mh'anam duit, a's ní fearra dhuit an leabhar orm go bhfuilim ionnraic ar an nidh seo curtha im leith: saor air: neimhchionntach. Creideann mórchuid nách é is bun leis an gcoir, ach ná fuil sé ionnraic ar fad innte: go raibh lámhaidheacht éigin aige innte. Ar gach slighe go dtí ambáireach fear ionnraic seadh é, an bhfuairtheas locht riamh air?: díreach. Bí ionnraic ná bí náireach: má bhír macánta, díreach lé cách cé gur searbh é go minic ní bheidh call lé náire agat. Leas-ainm seadh "Bailt", cad í an ainm ionnraic atá air: an ainm dhílis. Nách mór an tsín-mhallacht atá air dá bhfaghadh sé an trócaire air ná féadfadh sé bheith ionnraic leat 'n-a ráidhtibh: an fhírinne d'innsint. Ná bíodh peaca an tómhais ort, bí ionnraic: tabhair an tómhas ceart, dleaghthach uait. "Óir tuiteann an duine ionnraic seacht n-uaire agus éirigheann sé airís, acht tuitfidh na cionntaigh in olc" (Seanráidhte XXIV. 16): an fíreán: deighchreideamhach. An té a bheadh ionnraic liom-sa thabharfainn a chúiteamh do: comhthrom, ceart. Beart neimh-ionnraic daoine do bheith ag sclábhaidheacht ó dhubh go dubh ar fhíorbheagán do dhaoinibh atá múchta in ionnmhas: éagcórach: mícheart.

ionnramh: *f.1.* ₇ *3.* friothálamh, fóghantas, láimhseáil, riaghalughadh, smachtughadh, riaradh, cóiriughadh, bainistighe, ionbhaidh. Caithfeam fanacht leis an ionnramh, caitheadh fanacht lé sinn do theacht ar an saoghal: leis an am tráthamhail. Chómh luath agus gheóbhad-sa an t-ionnramh air, ní mheathfad ort, bead chughat, ach táim róghnóthach, ró-leathlámhach fé láthair: an chao ar theacht chughat. Cois na conntabharthach annso dhom lé fios cathain ag feitheamh le hionnramh táid na cléirigh chómh gnóthach san: fóghantas: friothálamh. Raghaidh an t-each (asal!) díot, choidhche ní fhéadfair é d'ionnramh: do riaghalughadh nó do choimeád féd réir. Bíonn ionnramh gan iarraidh aice lé rud éigin tímcheall an tighe seo gan stad go mbainfeadh sí do mheabhair shaoghalta dhíot: láimhseáil. An t-ionnramh céadna do thugas don éadach ghá nighe, a's ní mar a chéile do ghlan sé: cóiriughadh. Mise atá ag ionnramh an tighe sin anois, ní deintear ach mar deirim: i mbun: 'n-a bhainistighe. Sé leathscéal atá aca anois ó theip ortha ná raibh an t-ionnramh ceart ortha: riar agus smacht.

ionnramháil: *b.3.* cóiriughadh, riar, an cor nó cuir do cuirtear de rudaidhibh chun atharruighthe do dhéanamh ortha chun earra chríochnuighthe do dhéanamh; déanamh; corruighe as ionad; cóstáil (le); teidhmint; riar. An té go mbíonn tonn mór dá aois tagtha bíonn sé tógálach, agus is ródheacair é d'ionnramháil: teidhmint do dhéanamh air: cóstáil leis: gach rud do dhéanamh chun a mheóin nó a thola. Ní maith an ionnramháil do thugadar dá n-úncail tréis ar fhóir sé ortha a's iad óg, é do ruagadh isteach go teach na mbocht: an déanamh. Is iomdha ionnramháil do cuirtear de sheithe sara mbíonn 'n-a leathar chun bróg: cor, iompódh: cóiriughadh chun malarta riachtanaigh do thabhairt air. An fheóil, an t-ím nó an t-iasc ná faghann ionnramháil cheart ní bhíonn caointe nó leasuighthe 'n-a cheart: a choisce salainn, picealach nó a lithéid etc. Fuaireas ionnramháil neamhriachtanach agus ní fearrde me é: suathadh. Tabhair ionnramháil don rud leóchaileach san: láimhsigh go cúramach, aireach é. Cad é an diabhal ionnramhála atá ort léd ghunna, lámhachfair duine éigin leis: útamáil: corruighe neamhaireach. Chaitheas an lá indé ar fad ag ionnramháil lé focalaibh nár thuigeas: d'iarraidh a mbrigh d'fhionnadh. "Ionnramháil ag an mbás ort!" deirtear lé beódhach ná fanann socair .i. tú féin agus é féin go raibh i gcochall a chéile. Cad é an ionnramháil ar arán é sin?: íde: (droich)-cheann. Bí

ag ionnramháil na n-áruistidhe ar an gclár anois i gcóir an bhídh, tá sé i mbuille lé bheith ullamh: ghá gcur i dtreóir. Ionnramháil gach aonne atá uaim: an déanamh céadna: gan breis ná luighead ar aonne. Ionnramháil déanta cruaidhe de gach saghas cosmairte: na cuir a's na hathurruighthe go léir. Baineadh ionnramháil éigin as, ní ar an aiste sin d'fhágas ar maidin é: corruighe: aistriughadh: teangmháladh leis.

ionnramhálaidhe: *f.4.* duine a bhíos ag útamáil nó ag gíotáil, a bhíos ag corruighe a's ag aistriughadh rud. Ionnramhálaidhe maith tímcheall na cisteann seadh í ach níl aon mhaith i seómra friothála í: maith a dóthain tímcheall áraistidhe a's glanachair. Nách é an t-ionnramhálaidhe é?: nách mór an suathadh in aon áit é: duine ná féadann fanacht socair. Bíonn fiche ionnramhálaidhe ag déanamh gunna móir: oibridhe go mbíonn máille fé leith aige lé déanamh.

ionnramhálaim: *b.a.* friothálaim ar, láimhseálaim, cóirighim, cuirim in eagar, riaraim, stiúraim. Ní ionnramhálfadh an diabhal féin indiu é, stiall ar an gcat a's ar an madra aige: ní féidir gnaoi do chur air: ní féidir cóstáil leis. Má ionnramhálann tú i gceart é gheobhair aon nidh uaidh, ach mío-ionnramháil é a's mo thruagh thu: má thagair 'n-a threó ar chuma chuibhe, oireamhnaigh a thaithneóchaidh leis etc. Ionnramháil an tigh i gcóir na ndaoine deóranta: riaruigh é: tabhair cuma shlachtmhar air. Connus ionnramháltar na mílte mílte sa scartachaibh fé thalamh i gcathrachaibh go mbíonn ionnsaighe aoir dhá dhéanamh ortha, ná pasálaid a's marbhuighid a chéile: connus riartar iad? Fág fúm-sa an duine fíochmhar san, mise a ionnramhálfaidh é ar do thoil duit: a smachtóchaidh nó a bhainfidh ceart de. Dá n-ionnramhálfá na pacaidhe 'n-a gceart raghaidís go léir ar an dtrucaill: dá socrófá iad. D'ionnramhálfadh sí áruistidhe dhá tighe lé n-a luaithe faid bheadh cailín eile ag féachaint ortha: chuirfeadh sí crích ghlanta agus chórach ortha. Ionnramhálann gach n-aon trís an saoghal dréir mar fhéadann sé: cuireann roimis maireachtaint. Ionnramháil an tuagh gur féidir gearradh léi: cuir i bhfearas í. Ná hionnramháil thar ceart an garsún san mar tá sé óg fós: ná cuir aon duadh thar n-a riocht air.

ionnsaighe: (**ionnsaidhe, ionsaighe, ionsaidhe**) *f.4.* (*iol.* –saighthe, -suighthe) dul i dtreó téarnamh, dul fé dhéin, fogha nó ruathar lé hinntin díthe do dhéanamh nó áit do ghabháil, amus. Níor bh'eól dom cér bh'iad a bhí dom ionnsaighe an bóthar anoir toisc na doircheachta go dtí gur labhradh: ag teacht fám dhéin. Sin long go bhfuil cómhartha anróidh anáirde aice, téighimís dá hionnsaighe d'fhéachaint cad tá uirthe: fé n-a déin: go dtí í. Téighimís d'ionnsaighe na farraige, beidh ionnfhuar againn ann ón mbeirbhthean a's brothal so: fá n-a déin. Thug sé ionnsaighe nimhneach fúm leis an dtlúth go mbascfadh me mara mbeadh gur chosnuigheas me féin: fogha colgach lé hinntin díoghbhála cuirp. D'ionnsaighe mo thigh féin do bhíos oidhche bhreágh gan choinne ar domhan agam leis nuair bhuail an tinneas anacair me: ag triall air. Téighir d'ionnsaighe an fhir sin agus fiafruigh de an é a lithéid seo de dhuine é: téighir go dtí é lé hinntin áirighthe. Thug sé ionnsaighe teangan dom nách fearrde me go ceann i bhfad: íde bhéil. In ionnsaighe na cathrach doirteadh na tuilte fola ar gach taobh: amus nó iarracht foirnirt a tógtha. In ionnsaidhe na cathrach is iomdha ionnsaighe do tugadh ar í do thógaint agus amus ar í d'fhágaint: ruathar chun a gabhála a's ruathar chun briste aiste. B'é ionnsaighe na súile caoiche agat teacht 'on tigh seo in ionnchas go mbeadh aon rud dá bharr agat, mar ná fuil

fáilte ná gean rómhat: dob aindeis drochmhachtnaimh an bheart agat é. In ionnsaighe mo shean-aoise dhom níor mhisde dhom aithrighe do dhéanamh: ag déanamh ar. Deineadh ionnsaighe éigin ar an mnaoi: tugadh ruathar ar a geanmnaidheacht. Deineadh ionnsaighe brollaigh a's cúil orm: rómham amach agus im dhiaidh aniar: tugadh fogha fúm lé hinntin mo shuaidhte nó mo ghoirtighthe. Nílim sásta fós den bpíp, bainfead ionnsaighe eile aiste: iarracht eile: tástálfad airís í. Tá sé ar (a) ionnsaighe anois agat: beidh do dhóthain duaidh ort éirghe leat.

ionnsaigheach: (**ionsaigheach**) *a.* dian chun ionnsaidhthe, oireamhnach chun. Tá arm ionnsaigheach maislightheach aige, aonne a gheóbhadh é – scian mhór!: gur féidir díth do dhéanamh léi. Is maith ionnsaigheach atá Sasana a's an Ghearmáin ar a chéile ón aer: síor-iarrachtaidhe dhá dhéanamh aca ar a chéile. Ná bí ionnsaigheach ar bhóthar ná ar chasán: ná bí tugtha d'fhogha cuirp do thabhairt fé aonne. Smailc nó olc ag duine éigin curtha air, tá sé árd-ionnsaigheach indiu, focal ní fhéadfá labhairt leis: fonn air "dul i muineál na ndaoine". Má bhíonn scilling lé déanamh in aon áit tá súd ionnsaigheach chun a déanta: fonnmhar ar í do shaothrughadh dho féin. Tagann amanna ar amhailteannaibh na mara gur ionnsaighthighe iad 'ná a chéile: gur mó an dúil a bhíos aca tabhairt fé bhád. Riamh duine ionnsaigheach dob eadh é, is iomdha cúram do thairng sé air féin chun slighe maireachtana: gan eagla tabhairt fé aonnidh budh dhóigh leis do bheadh chun a thairbhe: dánaidheacht ann chun iarracht ar rud tairbheach do shroichstint.

ionnsaigheach: (**ionsaigheach**) *f.1.* duine nó ainmhidhe a thabharfadh fogha nó ruathar. Deir Sasana gur b'í an Ghearmáin ionnsaigheach síothchána na hEóraipe, deir an Ghearmáin ar an dtaobh eile gur b'í Sasana ionnsaigheach síothchána an domhain: an té is cionntach leis an síothcháin do chorruighe. Ionnsaigheach maith i mbéal báire an t-imirtheóir sin, conntabharthach leis: imirtheóir cliste chun fogha do thabhairt fé. Ionnsaigheach maith bóthair an capall san: cuireann chuige go coingheallach .i. níl aon stailc ná cnúbháil ann.

ionnsaighim: (**ionsaighim, ionnsuighim**) *b.a. 7 n-a.* téighim fé dhéin, tugaim fogha nó ruathar ar, cuirim chun ruda do dhéanamh. Ionnsaigh é: tabhair fé léd theangain. Lé suthaidheacht a's cíocras d'ionnsaigh sé an biadh chómh luath a's cuireadh ar an mbórd é: dhruid leis chun a ithte. D'ionnsaigh sé an bhean: thug sé iarracht ar a truailliughadh. Ionnsochaid a chéile chomh deimhnightheach a's tá grian ar spéir ar an spochaireacht atá ortha, mara ndeintear teasardha eatartha: tabharfaid iarracht ar a chéile do bhascadh. Tá san chómh neamh-eaglach san go n-ionnsóchadh fear a dhá oiread féin: go raghadh i dtreis a chómhraic. Ó bhí súil againn go mbeadh fáilte a's fiche rómhainn d'ionnsaigheamair an baile go héadtrom-chroidhe: chuadhamair fé n-a dhéin go seólta gan mhairg. Cé ionnsóchadh ar an sráid me ach fear ná feaca lé cuimhne na bhfiann: a thiocfadh chun cainnte liom. Ionnsaighimís ár gcúram anois: téighimís i bhfeighil a dhéanta.

ionnsciobadh: *f.* (*-btha*) sciobadh nó fogha áidhbhéil, snapadh obann. Nách ortha do deineadh an t-ionnsciobadh, triúr aca do bháthadh, oidhche chómh haoibhinn léi: iad d'fhuadach gan choinne. Bitheamhnach toghtha a thabharfadh ionnsciobadh fé aon rud go bhfaghadh cao air: fogha tapaidh ganfhiosaidheachta a's ná fágfadh faic 'n-a dhiaidh. Dá

bhfeictheá an mada ruadh ghá ionnsciobadh féin nuair tángthas sa bhfoghail air: ag caolughadh leis go mear, glic, aiclidhe. Thug an madra ionnsciobadh fén ngeannc fheóla: thug fogha neamhmall fúithe ghá aire féin ná béarfí air. Lé hionnsciobadh do bhéarfá iasc leat drochoidhche mar sin: sáthadh obann, tapaidh gan aon mhanaois do bheith ag baint leis.

ionnsciobaim: *b.a.* árduighim chun siubhail d'amus obann, snapaim go tric. Ionnsciob é, sin uile a bhfuil de chao agat ar é d'fhagháil: tabhair fogha obann, tric fé nuair is lugha conntabhairt beartha ort. In aon oidhche amháin ionnsciobadh a raibh d'anairt ar an luing a's d'imthigh sí 'n-a ceatró léaraighe: d'árduigh an t-anfa gach luid dá raibh uirthe dhi. Ná leig faic ort, is amhlaidh d'ionnsciobas mé féin isteach gan aon díolaidheacht dorais: thánag isteach go luath láidir gan aonne ghom thabhairt fé ndeara. Is amhlaidh d'ionnsciob sé a bhean: d'fhuaduigh í.

ionnshnámh: (**ionshnámh**) *f.3.* gluaiseacht ar nós na péiste, máineáil, snámhcáil, gluaiseacht an-mhall. Bead-sa ag ionnshnámh liom a's tiocfaidh sibh-se suas liom: ag taisteal go mall, righin. Níl ann anois ach bheith ag ionnshnámh, aosta, caithte, críon: ag máineáil: ag corruighe go tréith. Gach ainmhidhe a bhíos ag ionnshnámh ar dhruim na talmhan: ag gluaiseacht ar a bholg. Is é an t-oibridhe gan mhaitheas é, ag ionnshnámh oibre bhíonn sé: silimideáil: gíotáil gan éifeacht. Is gearr uaidh an chabhair anois, tá an bás ag ionnshnámh ar a chroiceann: ag gluaiseacht ar gach ball de. Luathuigh! cuir uaim an t-ionnshnámh: an mhoille a's an righineacht thar meón.

ionnshnámhaidhe: *f.4.* aon rud a ionnshnámhas nó a ghluaiseas go mall. Ionnshnámhaidhe thú ná beinn ag féachaint ort ag déanamh aonnidh: duine mall, righin. Ionnshnámhaidhe gur ar éigean gheobhfá focal den gcainnt uaidh: duine gur leisceamhail leis labhairt. Beidh sé bacach choidhche gen gcois, is truagh é do bheith 'n-a ionnshnámhaidhe: nách fuil lúth ná mire ann.

ionnshnámhaidheacht: *b.3.* mall-ghluaiseacht, síománaidheacht, righne. Ná bíodh aon ionnshnámhaidheacht ort anois, ach corruigh thu féin: righne: leisceamhlacht. Ionnshnámhaidheacht an domhain atá air, ní bhfaghaim hob ná héib as: neamhfhonn: neimhfhéicheamhantacht. Thug an phiast (fharraige) an lá ag ionnshnámhaidheacht tímcheall an chuain: sall 'sanall soir a's siar go mall mar bheadh ar lorg bídh.

ionnshnámhaim: *b. n-a.* gluaisim go mall. Gach ainmhidhe a ionnshnámhas ar uachtar na talmhan: a ghluaiseas ar nós péiste nó cnuige. Ionnshnáimh (únáimh) leat ar do shuaimhneas, ná bíodh aon deifir ort, tá eaga siar síos agat: gluais go réidh. Go n-ionnsámhaidh an bás ort!: go mbrathair ag imtheacht go mall cinnte ar do chorp é.

iontaoibh: *b.2.* muinghin, dóigh, dóchas láidir, smaoineamh láidir go mbíonn rud mar is mian lé duine; brath dhóchasach, deimhnightheacht chinnte in ionnracas, i seasamhacht, in onóir duine eile; tortaoibh nó creidsin dhaingean. Dá shleamhaine a's dá lágaiche labhrann sé ní bheadh aon iontaoibh agam as go mbeadh sé dréir a fhocail: ní dhéanfainn "talamh slán" de. Tá mo mhuinghin air ach is dócha liom nách iontaoibh é go n-éireochaidh leis: gur ceart a bheith lándeimhnightheach de. B'é an feall ar iontaoibh é:

rud nó duine a chlis nó a mheath tréis an dóchais go léir a bhí as. Fágfad an beartán san ar t'iontaoibh, bí aireach mar tá sreathaidhthe tímcheall a thabharfadh ionnsciobadh fé: id choimeád, dearbhtha go bhfuil sé ar láimh shábhálta. Ar Éire d'fhagháil saor ní raghainn ar iontaoibh a fhocail: ní bheinn ag brath air: ní bheadh dóchas agam go gcóimhlíonfadh sé é. Ní raghad in iontaoibh an chapaill sin do cheannach, nílim sásta lé n-a chlódh: ní raghad 'n-a threis ar eagla gur drochmhargadh do dhéanfainn. Chuir sí na leanbhaidhe in iontaoibh na banaltran lé n-a n-oileamhaint: thug sí dhi iad i súil go mbeidís ar chúram duine a thabharfadh aire cheart dóibh. Ní gan iontaoibh as do thugas mo chuid airgid lé coimeád do: braithstint dheimhnightheach agam ná himtheóchadh aon mhíthreóir air. An iontaoibh an lá?: an féidir seasamh air go bhfanfaidh mar tá sé. Is é do chaill me go ndeaghas ar iontaoibh an chárta san: go ndeaghas 'n-a leith i súil ná raibh a bhualadh ag aonne. "Féach, ní chuireann sé iontaoibh 'n-a naomhaibh, nílid fós na neamha glan 'n-a radharc" (Iób XV. 15): dóchas aige asta go mbeidís dílis. Bíodh iontaoibh agat as, tá an fear láidir má tá sé an-bhreóidhte féin: bíodh dóchas agat as faid a's bheidh an anál ann. Ar m'iontaoibh atá an tigh indiu: fúm-sa atá fágtha aire do thabhairt do. Gabhaim iontaoibh leat: beidh dóchas láidir agam ná clisfir nó ná meathfair orm. Iontaoibh an mhaide lobhtha, 'sis suarach í, ní bheadh agam asat go gcóimhlíonfá do bhriathar: a luighead dóchais ní bheadh agam. An droich-iontaoibh aige as gach aonne ach as féin: drochamhras. Bean iontaoibhe rúin .i. nár chás do dhuine a rún do thabhairt di. Aon duine a fheallfad turus orm, choidhche airís ní bheadh iontaoibh an phráta bheirbhthe agam as .i. nuair sloigtear é is deacair é do chur aniar agus is é a dhóghann!: is fearr gan bac leis.

iontaoibheach: *a.* claon lé iontaoibh do chur; gur chuibhe iontaoibh do bheith as. Mara mbeadh gur duine iontaoibheach me is fada buidhe go leigfinn mo ghluaisteán leis: duine go mbeadh dóchas aige go dtabharfí aire cheart dá chuid. Aimsir iontaoibheach a dóthain í chun dul tamall ó bhaile: d'fhéadfadh súil a bheith agat go bhfanfadh sí breágh. Iad san róghlic duit-se, táir ró-iontaoibheach: tugtha do mhuinghin do chur i ndaoinibh gan féachaint rómhat. B'iontaoibhighe liom bheith ag brath ar dhuine den dtír a's den áit ná ar iasachtaidhe: is mó do bheadh dóchas agam as ná clisfeadh sé.

iontódh: *f.* (*-tuighthe*) casadh, ar nós rotha, filleadh, cor, atharrughadh, dreódhadh. Ní féidir do chur 'n-a luighe ar an sean-bhuachaill go bhfuil an domhan ag iontódh: ag casadh tímcheall ar a aisil. Stocaidhe síoda, rothair, bónaidhe a's carbhait ag an óige anois, is mór an t-iontódh sa tsaoghal ó linn ár n-óige-ne: cor: atharrughadh. Tugaimís iontódh eile don gcarraig (bainimís iontódh eile aiste): liathraimís í: bainimís iomlosc aiste. Ná déanfainn, a bhuachaill! dhéanfainn, mhuis, ar iontódh na baise: go prap. Bhain an chú iontódh as an ngirrfhiadh: chas sí é as an dtreó go raibh a thriall. B'é an chéad iontódh eile do dhein sé tréis an airm d'fhágaint ná dul 'on chabhlach: an chéad chor eile do chuir sé dá bheatha. Ní iontaoibh aonne mar thu a bhíos ag iontódh, indiu lé dream, ambáireach lé dream eile: ag atharrughadh aigne nó poilitidheachta. Níor baineadh aon iontódh as dá mhéid duine a thug iarracht ar é do chlaoidhe: níor deineadh cosc air ná níor cuireadh dá réim é. Bí an-aireach, tá iontódh an-ghrod tímcheall míle uait sa bhóthar: cor: tugann sé malairt treó air féin: atharrughadh treó. Tá an fheóil sin rófhada gan leasughadh tá iontódh innte: iontráil: casadh ar dhreódhachtaint. Chómhairleóchainn duit iontódh éigin eile do thabhairt ort féin a's an fuadar atá fút do thréigean: cúrsa beatha. Budh ghránda an t-iontódh do thug sé dhuit tu d'eiteach tréis a ndeárnais do: an déanamh

fealltamhail. Iontódh drochratha air pé duine eile go mbeidh sé air mar is é atá tuillte aige: é do chasadh ’n-a threó. Faid bheifeá ag iontódh thart bheadh an aimsir athurruighthe: gan rómhoill. Bliadhain tréis iontuigthe dho fuair sé bás: a chreideamh d’atharrughadh. Beidh an aimsir ag iontódh breágh as so amach: ag dul i bhfeabhas. Ag iontódh a thóna liom-sa bhíonn sé i ngach áit dá dteangmhálann sé orm: ag tabhairt a dhroma dhom: ghom sheachaint.

iontortha: *a.* i ndán tortha do thabhairt, tairbheach, síolmhar. Talamh chómh maith a’s tá sa domhan an Mhidhe, cá bhfaghfá cré ná fuil sí chómh hiontortha léi: in inmhe tortha do thabhairt. Cuirfidh Dia an rath oraibh a’s beidh bhur sliocht iontortha: beidh sleacht sleachta ortha. Talamh cuibheasach maith féaránaigh seadh é, ach níl iontortha maidir le barraidhibh dho: an mianach innte chun sochair do thabhairt. Is neamh-iontortha an t-iontódh atá déanta agat, siopa do chur chughat in áit dhealbh mar é seo: neamhthairbheach. Cá ngeóbhadh aoibhneas na bliadhna, ní fhéadfadh sí gan bheith iontortha: barraidhe a’s sochar do thabhairt.

iontráil: *b.3.* atharrughadh i gclódh, i meón, in imtheacht, dreódhadh. An bhfeacaís neach riamh go dtáinig an oiread iontrála air?: scléipeach, scaipightheach, tráth anois cruinn, stuidéardha: atharrughadh meóin. Tá an t-ím ag iontráil blas cabhruighthe ag teacht air, ní fuláir ná fuair ionnramháil oireamhnach: an suiméar nádúrdha ghá thréigean. An amhlaidh ná brathair go maith? Cad is bun leis an iontráil it cheannaghthaibh?: an t-atharrughadh lígh. Fág t’iarracht ar an aiste sin, ná dein aon iontráil uirthe: ná cuir aon chor di. Le hiontráil na haimsire tugann na dathacha clogadh ceart dom: siúinseáil. Gheall sé dhi ná déanfadh aon iontráil choidhche ’n-a taobh faid bheadh anam ann .i. go mbeadh sé dílis di. Deineann an chulaith nuadh iontráil an domhain ar an stracaire: malairt cuma do thabhairt air.

iontrálaim: *b.a. 7 n-a.* atharruighim, malartuighim. Is mór mar iontráil Mearaice é, eisean a bhí lán d’fhadhairt a’s d’anam ionnshnámhaidhe críochnuighthe déanta anuas ar an dtalamh de: d’athruigh sé é. Choidhche, ní haon mhaitheas do bheith liom, ní iontrálfad, leanfad den imtheacht atá fúm: ní mhalartóchad m’aigne. Iontrálfaidh san ar fheabhas nuair thiocfaidh breis dá chéill do: malartóchaidh sé na droichshlighthe atá fé ar dheighshlighthibh. D’iontráil na cuirp chómh hobann san leis an dteas mór gur ar éigean d’fhéadfadh duine dul ’n-a ngaobhar: thosnuigheadar ar lobhadh. An maith a bheith ag brath ort go n-iontrálfá t’aigne?: go dtiocfá ar malairt aigne. Ní iontrálfadh an saoghal é: ní thabharfadh faic ar a leas é. Bhíos ag áiteamh, ag tafant ’sag tláithínteacht air gur iontrálas é: gur thugas ar malairt aigne é. Dá n-iontráladh an long a cúrsa a’s casadh isteach go Cóibh: dá ndeineadh sí atharrach treó do thabhairt uirthe.

iontrálta: *a.r.* athruighthe, sóinseálta, malartuighthe. Ní aithneófá in ao’chor é ó phós sé, fear iontrálta seadh é, sin í an bhean agat: tá malairt imtheachta fé. Nách aindeis iontrálta atá sé ó bheith ag ól: dath agus crut nár dhual do tagtha air. Táim iontrálta gen aois, d’imthigh mo ghean, mo gháire, mo spirid a’s mo neart: athrughadh tagtha orm ar gach slighe a’s cuma. Nuair fuairtheas an corpán bhí sé chómh hiontrálta san gur ar éigean do haithnigheadh é: dreóidhte. Leis na tighthibh nuadha so atá tógtha, tá an slios ar fad iontrálta, ní mór go n-aithneófá é: cuma eile tógtha air: atharrughadh scéimhe déanta air.

Ní hé seo saoghal a bhí riamh ann, go haonnidh iontrálta, slighthe nuadha, airgthidhe nuadha, dlighthe etc.: malairt tagtha ortha. Cad tá ort, a Mhuire? táir iontrálta: an lí athruighthe ionat. An aiste mar chuireas uaim í, tá sí iontrálta ge duine éigin: an bhrigh athruighthe.

iontsamhail: *a.* ionann, cosamhail, mar a chéile, ionchomórtas. Is fada uaidh, nílid in ao'chor iontsamhail: duine aca árd caol, an duine eile, íseal téagartha: ionchomórtais: ní féidir iad do chur i gcómhnáird. Beirt chómh hiontsamhail i meón 'si slighe a's gheóbhfá i rith an lae: mara chéile gur deacair aon deifridheacht do thabhairt fé ndeara ionta. Ar neart ná ar rith lé n-a linn ní raibh aonne iontsamhail leis: níor bh'fhéidir do neach dul in aon ghaobhar do. Ní hé an mianach ceart leathair é, níl ann ach leathar iontsamhail: a aithris: a chuma air ach gan an tathag ná an scabhárd do bheith ann. Ná bíodh aon togha agat ortha, baill iontsamhla seadh iad uile: mar a chéile iad ar gach slighe. Ná bí d'iarraidh bheith iontsamhail liom-sa, a mhic mo chroidhe, táim ró-airgeadamhail duit: d'iarraidh dul i gcomórtas liom. Is iontsamhla muinntir na háite seo 'ná mórán in áiteannaibh eile, toisc gur áit chumhang é a's go mbíd ag pósadh eatartha féin: is mó an deallramh i gclódh a's in imtheacht aca lé chéile.

iontsamhail: *b.3.* crutaon, aithbhreith, cosamhlacht, cóimhdheallramh. Níl t'iontsamhail lé fagháil lé croidhe mór, fairsing: do lithéid ná aonne do cuirfí i gcomórtas leat. Is tú iontsamhail an pheictiúra so, idir shróin a's mhiongháire: is tú id chrutaon: it aithbhreith: aithris chruinn, cheart ort. Is é iontsamhail a athar é: in aithbhreith: na hairidhthe céadna ortha araon. T'iontsamhail-se d'fhear ar gach aon chuma, gach uair d'fhéachaim ort, cuirir i gcuimhne dhom é: do chruinn-dheallramh d'fhear.

iontsamhlacht: *b.3.* ionchosamhlacht; cruinn-dheallramh, ionannas aiste. Nára slán comórtas, ca bhfuil an iontsamhlacht? – duine aca cruinn glic, an duine eile raidhseamhail, réadhchúiseach: aon chuma gur féidir a rádh go bhfuilid mar chéile. An oiread san iontsamhlachta eatartha ná féadfá rogha ná díg do bhaint asta: gnéithe áirighthe atá ar an réir chéadna. Cuireadh a hiontsamhlacht de chúis im leith, uair amháin: cúis mar í. Ag déanamh iontsamhlachta idir an gcrochaire sin agus mise go bhfuil meas agam orm féin, do bheifeá – an eadh: dár gcur ar chóimhrian.

iontsamhlughadh: *f.* (*-uighthe*) do dhéanamh comórtais nó cómhnáirde. Go saorair sinn ar mhallacht, dá gcloisteá an badhbóir sin ag iontsamhlughadh na gcómharsan le deamhanaibh ifrinn: ghá shuidheamh go rabhadar chómh holc leo. Bíonn an duine bocht ar a chroidhe díchill d'iarraidh an chuid is fearr aca d'iontsamhlughadh: d'iarraidh bheith chómh maith leó. Níl n-a chuid scríobhnóireachta ach iontsamhlughadh: aithris. Iontsamhlughadh dighe í sin, níl brigh ná smuirt innte: níl innte ach an dath. Budh chuma liom, mhuis, dá bhfaghainn aon iontsamhlughadh in ao'chor ach scaoileadh dealbh ar fad me: aon rud go mbeadh deallramh an nidh a bhí uaim air: leathscéal. Ní thaithnigheann sé liom in ao'chor bheith ghom iontsamhlughadh lé daoinibh eile, is fearr liom gabháil lém lochtaidhibh: ghom chur i gcómhnáird.

iontsamhluighim: *b.a.* aithrisim, cuirim i gcomórtas, ionannuighim. Ná hiontsamhluigh tú féin liom-sa, mar ná rabhais riamh chómh maith d'fhear liom: ná tabhair iarracht ar

bheith chómh maith liom. An locht is mó do gheibhim air go n-iontsamhluigheann sé gach aonne ná bíonn mar an choitchiantacht: go ndeineann aithris ortha. Iontsamhlóchair a bhfuil de bhrógaibh agat má bhír ghá gcaitheamh 'n-a bhfeighre a's n-a bhfeighre gan sos do thabhairt dóibh: béarfair ar aon chlódh iad.

iontuighim: (**ionntuighim**) *b.a. 7 n-a.* casaim tímcheall, liathraim, athruighim, claochlaidhim, dreódhaim. Iontuigh orm-sa: tabhair t'aghaidh orm agus breithnigh an méid adéarfad leat. Iontuigh an roth: cas tímcheall. Iontóchair ar Dhia fós nuair tuigfear do dheáibreacha duit: leanfair a réir. Iontuigh an císte atá ar an dteine tímcheall (gan an taobh síos suas do thabhairt do). Bliadhain an drochshaoghail seadh d'iontuigheadar ar an g"cat breac": d'athruigheadar a gcreideamh. D'iontóchadh an t-iasc go tapaidh dá mbeadh gan salann: thosnóchadh ar dhreódhadh. Iontuigh uaim: tóg aghaidh do chaoraidheachta dhíom: ná bac liom: tabhair do dhrom liom. Á, ná hiontuigh uaim: ná tréig me. Mara mbeadh a luaithe d'iontuigh sí uainn bhuailfeadh sinn go dearbhtha: claon sí ar malairt treó. Go saoraidh Dia sinn, d'iontuigh sé orm a's a lithéid de cháin chaile ní bhfuair caonaidhe riamh: thug sé aghaidh ghráineamhail orm. Iontuigheadh tóin thar cheann síos leis an bhfánaidh: liathradh me airís a's airís eile. Iontóchaidh san chun gadaidheachta fós: luighfidh sé léi. Iontuigheann an t-iarann féin dá chruadhacht é: deineann meirg de. D'iontuigh an bainne lé hiomad teasa: brisfidh sé. Má iontuigheann sibh linne gheóbhaidh sibh a bharra: má luigheann sibh 'n-ár gcabhair.

iontuighthe: *a.r.* casta, athruighthe, liathruighthe. Tá sé iontuighthe agat sa deireadh: tugtha ar do shlighe féin. Daoine iontuighthe iad san: atá tagtha ar malairt creidimh. Caith uait an fheóil sin, tá sí iontuighthe: an úire imthighthe aiste. Ní dhéanfaidh an bainne sin aon liathadh, tá sé iontuighthe: briste: géaruighthe. Tá sé iontuighthe uainn ar fad: níl a thuilleadh suime aige ionainn ná in ár slighthibh. Capall iontuighthe im choinnibh: ná hoibreóchadh dom lé stailc nó trí rud éigin do bheith air: capall neamh-éirightheach é.

iontuighthe: *a.* furaiste lé tuigsint nó brigh do bhaint as. Focal iontuighthe é sin, dómh-sa ach go háirighthe: soiléir: tagann a bhrigh liom. Is iontuighthe go ndéanfadh an duine céadna é, má dhéanfadh aonne maidir lé misneach de: is anfhuraiste géilleadh dho. Rud an-iontuighthe atá déanta agat anois, - cúiteamh na comaoine: rud fuaimeantamhail, ionmholta. B'fhearr liom gan bheith in aon bhóthar leis, duine do-iontuighthe seadh é, ní furaiste teidhmint do dhéanamh air: meón corr fé: ná feadraís cad bheadh ar maoith aige a rádh ná a dhéanamh. Focal eile ná habair, tá an uile nidh iontuighthe dhom anois: is soiléir dom cad tá ar t'aigne.

iontuightheacht: *b.3.* soiléire, soiléastachta lé tuigsint. Sé a ghníos cainnteóir breágh dhe, a iontuightheacht a labhrann sé: a shoiléire: fusacht brighe an ruda a bhíos aige dhá rádh do leanamhaint. A iontuightheacht agus thagann gach aon rud air, is aoibhinn do a inchinn: a bhuige: an neamhdhuadh gheibheann sé ó rudaidhibh.

iorna: *f.4.* iúrna, scáinne snátha; an t-adhbhar chun snátha; na táthanna a théigheas chun snátha do dhéanamh díobh. Gach aonne ag casadh dhá iorna féin: ag tarrac uisce chun a mhuilinn féin.

ioróg: (**ruadhóg**) *b.2.* córda, guaire céarach, scoith sheicneach dhroma (amháin) ar iasc chun a choimeád in ionannas san uisce. Ainmhidhe mór dhá ioróg: dhá scoith mhóra ar a dhrom: dhá "sheól". Ainmhidhe na n-ioróg .i. na seólta: an "craosaire gréine". Cuir ioróigín ag seiribheáil an dubháin: cóirdín an-chaol ag cuibhreach an dubháin den losna. Raghadh ioróg an ghréasaidhe tríd an bpoillín is caoiche: snáithín barrchaol céarach.

iorthlach: *f.1.* aprún i bhfeirm mála chun scioltán do chongbháil ann; a lán; bun mór builg. An t-iorthlach atá ag teacht do, is geairrid bheidh sé ábalta ar shiubhal: ag dul i dtruime as íochtair a chliabhlaigh .i. ón imleacán síos. Lán iorthlaigh d'airgead aige: oiread a's d'iomcharóchadh duine ar a thosach i mealbhóig a bheadh gabhtha tímcheall na ngualann. Ní tháinig sé gan a iorthlach: gan roinnt chomhthrom aige.

ioscad: *b.2.* an log ar chúl na glún, le hainmhidhe, spóla, ballnasc. M'ioscada craptha ó bheith suidhte i rith an lae: mo bhallnasca. Bain as t'ioscadaibh anois é nó beidh an tAifreann ráidhte ort: ná fásadh aon fhéar féd chosaibh: cuir díot chómh mear 'sis féidir leat. Sín t'ioscada, maran crapuighthe leat atá siad: sear uait do chosa. Sín t'ioscada leis an rámhaidheacht: rámhaidh go géar, láidir, i slighe go mbeidh na ballnasca dhá ionnramháil. "As t'ioscada é!": mo ghoirm thu: mo ghradhain chroidhe thu! Ioscada fé chómh breágh a's chídhfeá fé aon fhear: géaga lúthmhara ná fuil aon chrapuightheacht ag baint leis na ballnascaibh aige. Bíonn sí ag éileamh ioscad ghaoil orm: céim no cuibhreach éigin (tamall sínte). Is cosamhail lé cosaibh cúirliúin atá fút, tá ioscada do thriubhais chómh cumhang san: na "cosa". Táim chómh tnachta san gen siubhalóid go bhfuil m'ioscada ag camadh fúm: mo chosa ag lúbarnaigh. "Sin iad ioscada atá fé" .i. go maith nó go holc dréir mar tá i ndán ualaigh d'iomchar.

ioscadach: *a.* go n-ioscadaibh móra; fadchosach. Bean ioscadach go bhfuil truslóga móra aice nár bh'fhada an mhoill uirthe smut de bhóthar do chur di: fadchosach. Ainmhidhthe ioscadacha seadh iad go mbeidh fulang ar fheóil aca: árd ón dtalamh: cnámhach. Ní fheaca aonne is ioscadaighe 'ná é: is sia cosa.

iosta: *f.4.* áit choimeádta; árus; roinn de thigh; cúláis .i. beag cun codlata; seómairín. Déanfad iosta guail ar chúl an tighe: áit chun a choimeádta. Tair isteach, tá fáilte rómhat im iosta-sa: im árus: áit chomhnaidhthe. M'iosta féin agam gan baint lé haon daoinibh eile sa tigh: mo chuid féin.

iostas: *f.1.* lóistín; cóir leapan a's bídh; coinnimh; forra; foráiste, aoidheacht. Daoine anoir 'saniar ann gur dheacair d'aonne ná raibh in am iostas oidhche d'fhagháil: leabaidh a's biadh: lóistín. Áit bhocht, dhealbh, sprionnlaithe gan iostas do dhuine ná d'ainmhidhe ann: lóistín ná biadh. Cuireadh na saighdiúiridhe ar iostas orainn: ar coinnimh: aoidheacht: orainn biadh a's leapachas do thabhairt dóibh.

iostasach: *a.* fial, flaitheamhail, fáilteamhail fé aoidheacht. Sid é an tigh iostasach, a chara, ná beidh aon doicheall romhainn buannaidheacht do dhéanamh air: an tigh do bhfagham cóir bhídh ann agus fáiltidhe geola. Níl aon rud ná go bhfaghair annso, beir leat gur áit iostasach é: go láidir fé bhiadh a's chóir do chur ort. "Dún an doras", "múch an

solas" – nách é an bailtín neamh-iostasach é d'fhear siubhail: gan fagháil bídh ná cead bheith istigh.

íota: *f.4.* tart uathbhásach, cíocras. Íota an bháis ort!: tart nách féidir do mhúchadh. Líon an ciota go faobhar tá íota tarta orm ag guirteamas feóla: tart atá ghom phíopáil! "Tá sé in íota" deirtear nuair chídhtear duine ag baint slogóige móire as dhigh. Ó bheith ag spealadóireacht tá íota orm, go n-ólfainn an abha: tart rómhór. Is treise íota 'ná spalladh, a's is treise spalladh 'ná tart: .i. an tart – fonn nádúrdha chun dighe: an spalladh go n-óltar breis chun an fonn do shásamh. An t-íota, an cíocras doshásta chun dighe. Is mairg go mbíonn íota an óil air: an té nách féidir leis déanamh gan é. Íota a bhí ar na ceannuightheóiridhibh indiu, budh chuma leó cad é an saghas ainmhidhe ceathair-chosach do bheadh agat: cíocras fútha ar aon luach. Cad tá lé rádh linn ach gur lean an t-íota riamh sinn: gur mheisceóiridhe sinn.

íotach: *a.* an-thartmhar ar fad ar fad, cíocrach, guilmeach; do chur íota ar. Is mór gur íotaighe iasc guirt 'ná feóil ghuirt: gur mó an tart a ghníos sé. Tráthanna bítear íotach go maith chun éisc úir do cheannach, tráthanna eile ná féachtar siar: fonn ar cheannuightheóiridhibh chuige. Daoine íotacha chun airgid do dhéanamh na Giúdaigh: cíocrach: raghaidís fén roth chun a dhéanta. Ná séan deoch ar an íotach mar is truagh an té go mbíonn an spalla mór air: duine fé mhór-thart. Bhí na máirnéalaigh ocrach, íotach - ceithre lá ar an bhfarraige gan biadh ná deoch.

íotacht: *b.3.* aiste bheith lán-tartmhar; spalltacht. "Lém íotacht", ar seisean, "shaoileas nuair gheóbhainn cao ar dhigh go n-ólfainn an Mháigh iongtach": lé tiormacht mhíochuibheasach a scórnaighe. Íotacht na háite gan braon uisce lé fagháil in aon bhall ar feadh na mílte do scannruigheadh na saighdiúiridhe: tiormacht uathbhásach na dúthaighe.

íotaidheach: *f.1.* duine mór-tharta. An t-íotaidheach roimis an ocrach .i. gur air is córa friotháilt.

íotaighe: *b.4.* staid nó aiste íotmhar. Lé n-a íotaighe b'éigean árus dighe do bheith cois na leapan aige: lé méid agus dochuimse a tharta.

iothla: *b.5.* garradha nó clós chun arbhair a's féir do chur i dtaisce ann i gcóir geimhridh; scioból. "Iothla chruachach a néas duine uaibhreach": an té go mbíonn rud 'n-a gharradha lé haghaidh a chuid airnéise ní cás do meas do bheith aige air féin os chómhair a chómharsan. Agus deirtear leis an té a bhíos ró-uaillmhianach, "gur mó a scioból ná a iothla" mar an té go mbeadh garradha aige i bhfad níos mó 'ná b'fhéidir leis do líonadh dréir a bhfuil d'arbhar aige. Iothla an bháis: roilig. Iothla Dé go sroichimíd .i. neamh.

iothlachas: *f.1.* do chur ar arbhair i dtaisce. Iothlachas ar siubhal ag muinntir an tighe seo indiu: cruachadh an fhóghmhair sa scioból.

iotmhaire: *b.4.* staid nó aiste íotmhar. A íotmhaire bheith ag déanamh féir: obair a ghníos tart míochuibheasach. Ba gan an oiread san bainne ar fad iad toisc íotmhaire na talmhan

.i. toisc an úir do bheith árd-thirim. Íotmhaire an sclábhaidhe bhoicht ag dubh-obair: an fonn mór chun dighe de chionn toisc tréinis fada gan í.

íotmhar: *a.* an-thartmhar; róghuilmeach, mór-chíocrach. A thruagh é go bhfuil na cómhachta móra, láidre go léir chómh híotmhar san chun fola gur ag éirghe ortha chun cogaidh atá: fonn fíochmhar ortha. Fear íotmhar ní maith í a cheárd: fear gur mór é a dhúil sa digh. Chómh híotmhar le coin lá brothalach: lán suas de shaothar tarta. Chun a chirt féin do thabhairt do is iomdha blúire talmhan do b'fhéidir leis do channtáil ar na bochtaibh dá mbeadh sé íotmhar chuige: cíocrach, sainnteamhail.

iris: *b.2.* cuibhreach aniar ar bheart chun cóimhcheangail an chuibhrigh ceann cinn; athchuibhreach; "lámha" cléibhe (droma). Cuir iris suas nó scéidhfidh t'ualach: cuibhreach ar a threasna ag fáscadh an chinn atá. Ar cheann irise go bhfaightear é, an cladhaire!: crochadh go bhfaighidh!

is: *b.a.* dhearbhuigheas rud go soiléir a's a chuibhrigheas an t-ainmidhe leis an airnéis. *An rud is an ainm* – is tigh é, is maith an tigh go mbíonn fáilte do shíor ann. Is minic braimchín gioblach 'n-a chaipillín chumasach. *Treise* – chuaidh sé go Corcaigh indé; is go Corcaigh do chuaidh sé indé; is indé do chuaidh sé go Corcaigh. *An bhreischéim agus an tsárchéim* – is tu an chloch is lugha ar mo phaidrín. An nách féidir leis féin é féin do smachtughadh, smachtuigheann an saoghal é. An rud is lugha is fusa dhuit do dhéanamh. *Coibhneasta* – an ball nách aithnid duit fan as. Ní hé an té is giorra dhuit ach an té a oirfeadh duit. *Treise* - is air atáim ag brath .i. gan neach eile. Is fé sin do bhíos ag tabhairt nuair coisceadh me. Is as B'l'Áth Cliath dho: is ann do rugadh é nó sin é an áit go bhfuil cómhnaidhe air. Is as an dteine do thairngeadar é: lé duadh mór. Is chun na teine d'ionnramháil an tlúth: a chúram. Ní chun séire an fheóil seo: ní hi gcóir. An chun bruighne ataoi?: an é a fonn atá ort? An chun seólta ataoi?: ar inntin. Cad is tuigthe dhuit as san?: cad brigh do bhainir. Is ó chroidhe amach do gheóbhair: gan doicheall. Is ó thigh mhóire dhom: m'áit chómhnaidhthe nó dúthchais. Is dom-sa an leitir úd: mise an té go bhfuil sí ceapuighthe dho. Ní chughat-sa a bhíos in ao'chor, ná tuig gur b'eadh .i. ag tagairt duit. Ní liom-sa an áit seo ná aonnidh a bhaineas leis: níl buannacht agam air. Is leat-sa a bhí sé .i. ag troid leat: ar do thaoibh: ag áiteamh ort nó id chuideachtain. Ní tharm do chuaidh an chainnt úd .i. thuigeas go maith í nó chuireas slán fúithe. Is tríom-sa é sin: goilleann san orm, nó goirtigheann me. Cad is ainm duit? Cad is aois duit? Cad is peaca ann?: cad chialluigheann sé? Cad is lá ann do thabhairt díomhaoin?: cad díoghbháil sin? Más salach í an lúidín is den láimh í. Ós annamh is iongtach.

íseal: *a.* gan bheith árd, gan bheith i ngiorracht don ngnáth-aoirde; in aice íoghair na spéire; ionad fuama na teangan in úrlabhra; bog, caolaighe (fuaim), íochtarach; neamhlánmhar; gan puinn uisce, gan puinn líonta den dtaoide; gan bheith garbh. Labhair ós íseal liom ar eagla ár namhaid ghár gcloisint: go bog, neamhghéar: deacair do chlos. Labhair go híseal bíonn cluas ar an gcoill: ná bíodh t'úrlabhra árd ná garbh. Céagaibh is ísle san imirt (ar scoil, i gcluiche etc.)?: is sia chun deiridh (siar). Tá an t-uisce ró-íseal fós chun ionbhaidhe bheith ann: níl go leór den dtaoide lán fós. Farraige íseal atá ann, ní gábhadh dhíbh aon eagla do bheith oraibh lé cabhair Dé: gan bheith árd ná garbh. Buachaill íseal do ghárda é: níl an aoirde riachtanach ann. Ar éirghe dhom an oidhche

áluinn úd do bhí an ré íseal: i ngiorracht don íoghar. Guth íseal seadh "e" .i. bíonn an teanga in íochtar an bhéil ghá fuaimniughadh. Bróga ísle .i. ná téigheann an t-uachtar ach go hailt. Fear íseal uasal seadh é: duine modhamhail nach doig leis coidreamh an bhoicht maidir leis an saidhbhir. Beidh cómhacht mhór éigin íseal tréis an chogaidh seo: smachtuighthe: umhaluighthe. A's sinn ag cur ár n-athchuinghe os a chómhair, go deimhin bhí sé go híseal linn: modhamhail: gan éirghe anáirde. Nách íseal an gúna atá uirthe: mórán dá brághaid a's dá guailnibh leis. Éadan an-íseal atá air: gan puinn slighe ó bhun gruaige go bun srón. Cuarduigheadh árd a's íseal do, gan a thamhas ná a thuairsc d'fhagháil: mar a raibh cnapán talmhan a's lag .i. gach aon áit. Beart íseal do deineadh air iad uile do leigeant isteach ach é: sprionnlaithe. Cé fhéadfadh léigheamh le solas íseal mar é sin: neamhláidir. Fan íseal ar an gcúrsa go fóill: ná bíodh an oiread deabhaidh ort chun gnímh. Dob íseal leis an luach a gheóbhadh sé ar an ainmhidhe: beag. Árduigheann an bás leis iad idir íseal uasal: neamhthábhachtach. Buail go híseal ar an ndoras: go lag. Caith t'urchar íseal .i. gan bheith i bhfad ón dtalamh. Níor bh'iontaoibh in ao'chor go mairfeadh an long, bhí sí an-íseal: andhoimhin síos. Ní bheir íseal i gcómhnaidhe, tá súil agam, mar tá céim tuillte agat: gan bheith in adhmanas mhaith nó i mbeart thábhachtaigh.

ísle: *b.4.* ar aiste bheith íseal, modhamhlacht; an choitchiantacht. Ceal mór radhairce ar an áit toisc a ísle: gan bheith ar árdán. Ní hí ar n-ísle a thagas linn lasmuigh ach ceal an ruda do bheith againn: sinn do theacht ó dhaoinibh ná raibh tábhachtach ná áitrighthe. Is ionann ag an mbás sinn ísle a's uaisle: bheith de threabhachas gur dhual dóibh bheith áitrighthe. Is ionann ag an mbás sinn ísle a's uaisle: bheith de threabhachas gur dhual dóibh bheith áitrighthe. Ísle an lampa budh bhun le me do leagadh ar an dtroscán: gan an solas do bheith árd a dhóthain as. Ísle an fhárdorais a dhein dom mo chloigeann do smiotadh air: a ghiorracht anáirde ón dtalamh do bhí sé. Lé n-a hísle san uisce bhí sí faobhar lé faobhar: a fhaid síos agus bhí sí. Ísle na muc fé láthair ní fiú bheith d'iarraidh iad do chothughadh. Chuir sé iongadh ar gach aonne a ísle marc do fuair sé fén scrúdughadh: a luighead: uimhir bheag. M'ísle atá ag teacht liom gan me bheith i ndán mo lámh do shíneadh go dtí an rud árd san: mo ghiorracht in aoirde. B'fhéidir breis lasta do chur sa bhád toisc ísle na farraige: míne: neamhghairbheacht.

ísleacht: *b.3.* aiste bheith íseal i meón; umhalaidheacht; lag; talamh neamhárd. Go deimhin dá aoirde a cháil 'sa stáid ameasc daoine is furaiste labhairt leis lé n-a ísleacht: meón gan éirghe anáirde: ceannsacht a's cneastacht meóin. Geallaim duit ná fuil aon ísleacht ag baint leis ó fuair sé an t-éirghe sin, is fada go bhfeicfear i gcoidreamh a dhaoine airís é: duthamhlacht: leagadh lé coidreamh. Ar ísleacht ní haon drochghluaisteán é ach ameasc cnoc a mhalairt: talamh ná beadh árd. Luigheann an iomad uisce ar an ísleacht seo mar baineadh an iomad móna dhe: talamh tuinn.

ísleán: *f.1.* talamh réidh, fánaidh, áit íseal, lag, clais. Ísleán sa ghort go stadann mórán uisce sa gheimhreadh ann: lag, clais. Tá siad curtha aige dhe 'n-a bheatha idir árdán a's ísleán: comhthrom a's míochomhthrom: mín a's garbh. Ar ísleán deinim go maith lém chois bhacaigh: ar thalamh réidh. Stros an domhain do bhí orm i gcoinnibh na cnapóige ach nuair fuaireas an t-ísleán bhí rith an ráis liom: an fhánaidh: an comhthrom: "an talamh ag imtheacht uaim". An tigh tógtha in ísleán: thíos i gclais. B'fhuraiste dho an bheart do dhéanamh orm mar ránguigheas san ísleán air: ar an dtalamh fé n-a bhun. Mo

chómhairle dhuit gan a leigeant do breith ort in aon ísleán .i. áit go mbeadh an deis aige ar do díoghbháil do dhéanamh. Ná bí ag cainnt, a dhuine, i dtaobh bheith ag iomchar ar dhrom, tá ísleán ann ges ualaighibh: lag: lúbadh. Ná leig lé hísleán an lasán san .i. ná caith uait, teastuigheann uaim lasadh dhe. Bheadh breis ísleáin ann, dá réidhe é, dá mbainfí an chnapóg as: breis chomhthruim chun gluaiste.

íslighim: *b.a.* ₇ *n-a.* túirlingim, druidim anuas, leigim anuas, ciúnuighim, umhaluighim, laguighim (mo mheas), gearraim, cromaim. D'ísligheas den bhfalla: thána ar an dtalamh de. D'ísligheas ar an bhfalla: dhruideas anuas tamall nó luigheaduigheas a aoirde. Ísligh ar do láimh: ná hoibrigh chómh hárd léi nó chómh láidir. Ísligheadh lé déidheannaighe stoc: laguigheadh an luach. D'ísligh sé chun cloiche do chaitheamh liom: chrom chun talmhan. D'ísligheadh ar an ngaoith gach maidean: théigheadh sí chun laige. Bliadhanta ó shoin ní mór go bhféachfadh sé sa bhóthar ort, is mór mar ísligh sé ó shoin, anois d'umhalóchadh sé dhuit: mar d'imthigh an coimhtheas nó an t-éirghe anáirde as. Nuair fuaireas chómh fuar in aice mhullaigh an chnuic é d'ísligheas: dhruideas anuas tamall ar a shlios. Ísligheadh na soillse ar eagla go ndéanfaidís eolas d'athraighibh aoir: laguigheadh neart a gcuid solais. Ní ísleóchainn me féin chómh mór san go dtabharfainn mo lámh d'fhear a mhasluigh me: ní chaillfinn mo mheas an oiread san. Sin é an té díreach a ísleóchadh tú i súilibh na gcómharsan dá bhfaigheadh an chao: a dhéanfadh tú do dhí-mheas. Ísligheadh an seól trí iomad gaoithe: scaoileadh anuas tamall é. Ní chloisfeá focal anois ar an marbhadh úd, ísligheadh guth air: éisteadh 'n-a thaobh. Ísligh do cheann nó buailfir ar an bhfárdoras é: crom é. Níl neach go n-ísleóchadh sé a ghlúin do: go bhfeacfadh: go lúbfadh. Ísligh dhá órdlach an peictiúir a's beidh féin agus an chuid eile in ionannas: druid anuas. Nuair ísligheann an t-uisce nochtann an charraig: tuiteann: trághann. Ambliadhna, ar an gcrot atá air, ní ísleóchaidh an fharraige: ciúnóchaidh: míneóchaidh. Tabhair rud éigin mealltach don leanbh a ísleóchadh a ghlór: a mhaolóchadh a ghol 'sa ghearán. An domhan mór ní ísleóchadh a fhearg anois: a chiúnóchadh é. D'ísligh sé a shúile nuair chonnaic sé: chrom iad d'fhonn a's ná feicfeadh sé me. Cuir uait an saghas san cainnte a's mar an féidir leat duine do mholadh ná hísligh é: ná cáin é. D'ísligheas cois claoidhe ón gcith piléar: chuadhas ar a scáth. Is mór mar ísligh ar a neart i rith na hoidhche, dubhairt an dochtúir: chuaidh chun laige. Ísligh fés na cártaidhibh nó léighfidh na cearrbhaigh iad: foiligh fútha: congaibh a mbéal fútha go maith.

íslighthe: *a.r.* tugtha, leagtha, scaoilte, leigthe, druidte, túirlingthe anuas, ciúnuighthe, umhaluighthe, laguighthe, cromtha. Níl an fharraige íslighthe pioc, féach na cnuic árda san innte indiu: laguighthe, ciúnuighthe. Gach neach aca ag guidhe Dé a's a cheann íslighthe aige: cromtha in umhalaidheacht. Tá sé íslighthe anois, ach ní raibh sé mar sin tamall, budh mhór é a ghustal 'sa réim: laguighthe sa tsaoghal. Toisc ná rabhas íslighthe go leór sa bhfaill ní fhéadfainn nead an fhiolair do shroichstint: leigthe síos i dtéid. Tamall bhí sé 'n-a oifigeach, tá sé íslighthe go mór anois, níl ann ach saighdiúir singil: laguighthe i gcéim. Ní fada ó dhuibhré anois tu, tá an ghealach íslighthe go maith: druidte lé bheith ag dul fé. Cuirir náire agam orm féin, táim an-íslighthe agat a rádh go mór liom bheith chómh maith le cách ameasc na bhfear: luigheaduighthe i meas daoine: laguighthe i súilibh na ndaoine: masluighthe. Leis an stiall do thugais dom tá mo ghuala íslighthe agat: leagtha anuas i slighe ná fuil ar chóimhrian aoirde leis an gceann eile. Mórán gurb

iongadh leó ná fuil an chathair íslighthe ar a bhfuil de bhualadh pléascán fachta aice: léirscriosta: beartha anuas go talamh. Ní raibh ach mo ghlúin íslighthe agam: cromtha. Nuair bhí íslighthe den each rith sé uaidh: túirlingthe.

íslightheóir: *f.3.* suainseánaidhe; claoidhteóir. B'é do rogha den mhargadh leigeant de, déarfainn gurbh é t'íslightheóir aon lá é: fear do chlaoidhte. Íslightheóir gránda nách fearrde aonne go leathann sé a bhéal air maidir lé tromaidheacht a's cúlchainnt: suainseánaidhe: cáinteóir.

ísliughadh: *f.* (*-ighthe*) do leagadh, leigeant anuas, dhruideam anuas, scaoileadh, umhlughadh, lagughadh, chromadh, chiúnughadh, thúirleang. Mór an t-ísliughadh dho é, ó bheith 'n-a árd-oide cóngantóir do dhéanamh de: leagadh anuas: maolughadh. Céad uair d'fhógras air ísliughadh den bhfalla nó go scéidhfeadh sé fé: túirleang: teacht ar thalamh slán. Ag ísliughadh an ualaigh do stroill sé uaidh: ghá leagadh dhá dhrom. Ghot ísliughadh féin bheifeá dul chun ceann cuinge do chongbháil lé rud toghtha mar é sin: ag cailleamhaint do mheasa trí áiteamh lé táthaire mar é. Ní dheaghaidh aon ísliughadh ar an dtarrach a's sinn ar an oileán síonteanntuighthe, an borradh céadna i gcómhnaidhe ann: tuiteam: ciúnughadh. Drochchomhartha ar an aimsir an ghloine bheith ag ísliughadh chómh mear: an t-airgead beó bheith ag tuiteam innte. Mór an t-ísliughadh i mucaibh púnt sa chéad i seachtmhain: lagughadh luacha. Táthar chun ísliughadh do dhéanamh ar an mbóthar: cuid den árd do bhaint as. Deineadh ísliughadh páigh ar na sclábhaidhthibh: cuireadh ar níos lugha thuarasdal iad. Ní féidir dul i dtalamh ann go dtagaidh ísliughadh ar an dtaoide, tá an t-uisce ag bualadh bun puirt: tuiteam nó trághadh. Tuitfidh an oidhche orainn mara mbrostócham tá an ghrian ag ísliughadh: ag druideam anuas leis an íoghar. Aon ísliughadh níl dulta ar an mbreóidhtigh air, an fiabhras céadna a's bhí indé: lagughadh: maolughadh. M'eólas a's m'aithne ort gur ag ísliughadh gach aonne do bhír: ag tromaidheacht 'sag suainseán. Caitheann na manaigh chéadna a saoghal ghá n-ísliughadh féin i láthair Dé lé deaghobair a's úrnaighe: ag umhlughadh a n-uabhair, ghá lochtughadh féin a's ag iarraidh maitheamhnachais.

isréada: (**isréad**) *f.1.* croithteóir uisce. An scuab lé n-a gcroitheann an sagart an t-uisce coisreac (coiscricthe) ar an bpobal.

isreagán: (**oisreagán**) *f.1.* iasc sliogánach. Meas na ndaoine gur iasc sóghail é.

isteach: *d-bh.* fé dhéin na háite istigh nó i ngabhain, ag dul fá iadhadh aon ruda. Ní thagann an dara scéal go minic isteach leis an gcéad scéal: ní réidhtigheann. Gach aon rud dall ort de cheal taithighe, ach tiocfair isteach air i ndiaidh a chéile: gheóbhair eolas cruinn air. Beir isteach air, cad é an t-eagla atá agat roimis?: greim daingean cuirp. Tagann an dá aonach isteach lé chéile go maith dhúinn, ceann ambáireach a's an ceann eile arbhú ambáireach: oirid go binn. Táim isteach a's amach le caoga bliadhain: i mbuille leis: nách mór. "Púnt do thugais ar na brógaibh?" – "isteach is amach leis": in an-ghiorracht do. Ní fhéadfadh gan an scannradh ocrais do bheith ort luigh isteach: crom ar itheadh an bhídh atá os do chómhair. Chomh luath a's chonnaic sé a dhreatháir i gconntabhairt isteach leis: léim san áit 'n-a raibh an dreatháir. Chuaidh sé ag troid leis na gárdaidhibh a's isteach leis: rinneadh bráighe dhe: cuireadh fé ghlas é. Cuireadh poll i

dtóin na luinge isteach leis an uisce: rith innte go mear. Ná cuir isteach ar aonne ná cuireann isteach ort: ná bain leis: ná cuir bráig air. Ó táir ag scríobh stadfad de chainnt chun gan cur isteach ort: teacht idir tu a's do chuid oibre. Ó budh chómharsain béil dorais sinn bhímís isteach a's amach chun a chéile go mion minic: ag tabhairt cuairde ar a chéile. Mhuise, geallaim dhuit ná fuil san bhfear anois ach isteach is amach: láidir a dhóthain chun bualadh amach fén aer ar feadh tamaill a's filleadh airís. Caithfir-se do cheann do chur isteach (i scéal, cúrsa etc.) i gcómhnaidhe: bheith páirteach i gcúram chách, isteach fé: druidtear go dlúth leis go híseal. Cad é an teacht isteach atá sa mbliadhain duit as bheith id chléireach: tuarastal. Bhíodh mórán tighthe ar cíos aige a's teacht isteach mór aige: airgead cíosa. Ní hionann dul isteach a's teacht amach: dul fé dhéin áite gabhain etc. Chonnac beart fógartha ar an bpáipéar a's chuadhas isteach: thairngeas me féin mar iomaidhtheóir. Thuit mórchuid airgid isteach air nuair cailleadh a athair: fuair sé mar oidhreacht. An dtángadar isteach lé n-a chéile ó bhíodar in achrann?: an ndeárnadar muinnteardhas. Cuir isteach cad é an méid airgid dathad tonna ar dhá phúnt an tonna: dein suim chruinn de. Ná leig don ropaire sin dul tríot isteach: ná leig fios do rúin leis nó an iomad muinnteardhais ar eagla do dhíoghbhála. Ag dul ionam isteach atá an aicíd: ag ceangal go doimhin. Ionam isteach do raghfá, an eadh?: géilleadh dhuit ar gach aonnidh ar son do bhaile féin. Bíodh deireadh a's tosach isteach agat, a bhitheamhnaigh: ná tair 'on tigh seo airís. Caith isteach é sin: ól nó ith é. Buail isteach chugham: tabhair turus orm. Luigh an leanbh a cheann isteach lé hucht a mháthair: an-dhlúth lé. Cad é an t-amach 'san t-isteach atá ort ach fanacht istigh nó amuigh: ag imtheacht as iadhadh áite a's ag teacht ann. Ná fan isteach leis an gcarraig, tá sí róchonntabharthach: dlúth, athchomair léi. An té a luighfeadh isteach go moch ar maidin bheadh obair mhaith déanta tráthnóna aige: a chromfadh go fonnmhar etc. Gan aon choinne agam leis dhein sé isteach orm gur bhuail me: chómhgaruigh, dhlúthuigh liom. Dein isteach air, cá bhfuil t'eagla roimis?: ionsaidh é. Dein isteach ar an dtigh, d'fhéachaint cé tá ann: druid leis. Isteach atá an long ag gabháil: ag déanamh na talmhan. Ní raghaidh sé isteach an togha so: ní ghnóthóchaidh sé suidheachán. Ar an ndroch-chuma atá ar cheann an tighe sin, ní fhéadfadh sé gan bheith ag leigeant isteach: an fliuchán do bheith ag teacht tríd. Sin falla go bhfuil an braon isteach tríd: an fhliuchra ag gabháil tríd. Ghaibh an oidhche isteach tríom: ghoill a hanródh go trom orm. Gheóbhadh sé isteach tríot bheith ag féachaint ortha ag gol: do ghoillfeadh go croidhe ort. An fuacht a bhí ann geóbhadh sé isteach trí chlár daraighe .i. thollfadh sé aon chosaint. Sáidh isteach: lean ar t'aghaidh go láidir i dtigh, i mbrúghtam, i gcuideachtain, chun bídh, dighe. Sin scéal a théigheann isteach: a ghoirtigheann. Isteach fén dtír do gheóbhfá cruinn a's ní cois farraige: fé dhéin a láir. Sin é cárta do chuir sé isteach liom .i. chugham do bhí breith idir lámhaibh ag teacht agus chaith sé ghom thástáil. Cuireadh malairt imirtheóra isteach leis an turus so: ag imirt 'n-a choinnibh. Is coimhtheach an duine é, a's mo dhícheall do dhéanamh ní fhéadfainn teacht isteach air: muinnteardhas nó coidreamh do dhéanamh leis.

istigh: *d-bh.* fé iadhadh, i ngabhan, ar an dtaobh atá fé scáth nó fé chlúid, bheith buannamhail air, muinnteardha; eólas ar shlighthibh dhuine, taithightheach, caithte, críochnuighthe, suas. Tá an t-am istigh, bídh amuigh!: caithte dréir na dlighe. Istigh is amuigh budh dheacair fear is flaitheamhla 'ná é d'fhagháil: ag baile a's as baile. Níl sé istigh anois: ag baile, sa tigh. Beag suim do chuirim-se 'n-a scornaghal bhrághad san, is

mithid dom bheith istigh air: eolas a mheóin do bheith agam. Thaithneóchadh an áit níos fearr liom dá mbeinn istigh ar na daoinibh: taithightheach ar a meón. Is olc an ceann atá ort nách fada go bhfuil an t-airgead istigh agat: áirmhighthe, caithte ar a chéile. Beidh sé istigh choidhche agam do an éagcóir do chonnac dhá dhéanamh ar bhochtán aige: olc: míothaithneamh. Is fada istigh ge Sasana a's gen nGearmáin dá chéile é: gráin a's olc aca dá chéile. Mo chroidhe istigh thu, ná goil: a ghrádh ghil. Táim istigh ar an mbeart úd: táim mar chóimhéilightheóir uirthe. Cé tá istigh leat?: cé tá in iomaidheacht leat? nó cé tá páirteach leat? Baile doichilleach ná faghfá bheith istigh ann ó dhrúcht na hoidhche: lóistín na hoidhche. Ní fada ó bhreith an bhó san, déarfainn go bhfuil a haimsir istigh: a hionbhaidh tagtha. Iompuigh an taobh istigh amach ded chasóig: an taobh fé, nó is giorra don gcorp. Ar an dtaobh istigh de Nodlaig, ní headh geobhfá an fuacht is mó: ar an dtaobh so. Nár mhór an siubhal do rinne sé go raibh sé deich míle ar an dtaobh istigh de dhá uair an chluig: sara rabhadar caithte. Céad púnt atá uaim, ar an dtaobh istigh de san ní dhéanfad é: gan san: fé n-a bhun san. Dá mbeadh aon rud istigh agam gheóbhfá cuid de: sa tigh. B'ait leat é do sciobadh chun siubhail chómh hóg sa tsaoghal, ach is dócha gur bh'é a lá a bhí istigh: ná raibh a thuilleadh saoghail ceapuighthe dho. Níor bhraitheas go rómhaith i rith na hoidhche, ní rabhas istigh liom féin in ao'chor: bhíos ag breith chugham: do bhí faitchíos orm. Dubhradh leis fanacht istigh as an (ón) sín: sa tigh: sa bhaile. Cé tá lé bheith istigh?: cé hiad bheidh ag imirt chártaidhe etc. Chaith sé deich mbliadhna istigh: i bpríosún. Ní bheinn istigh leat in ao'chor ar an gcamasghail sin: sásta leat: ar aon aontadh leat. Ní headh, ach is é a iongtas é a fhaid atá an bheirt bhitheamhnach istigh lé chéile: ag réidhteach. Ní mór go raibh na líonta istigh againn nuair shéid sé: ar bórd: tairngthe. Tá an cáirde istigh a's caithfear íoc: an sprioclá chun díolta tagtha. An mbíonn na ba istigh fós agaibh?: an mbíd sa chródh gach oidhche gan a gcur i dtuar? Táir istigh lé fear maith: ag cóstáil leis: ag déanamh cúraim leis. Tá a thuilleadh a's a thuilleadh istigh ann: níl a bhfuil d'olc ann scéidhte fós as. Duine gan mhaith seadh thu, níl sé istigh ná amuigh ionat: gníomh ar aon tsaghas cuma: follas ná i bhfolach. Bhaineadar as amach a raibh istigh ann lé plámás a's gliocas: mhealladar uaidh pé rún a bhí aige. Dá mbeadh rud istigh fé chloich agat gheóbhadh súd amach é: dá fholuighthe bheadh sé. Níl an t-arbhar istigh fós: san iothlainn. Tuigim a bhfuil istigh id phutóig, a chladhaire: do chuid lúbaireachta. Is iomdha rud istigh it inchinn: tá léigheann ort nó táir árd-ghlic. Mise d'fhan istigh Dé Domhnaigh seo caithte: ag baile ó Aifreann. Ní mór d'fhoghlumuigheas, fairír, mar coimeádtí istigh rómhinic me: gan me do leigeant ar scoil.

istló: *d-bh.* lé linn an lae. Istló is istoidhche sé mo chómhairle dho aire mhaith do thabhairt do féin: gach tráth. Is callóidighe oibriughadh istoidhche ná istló: ar uain an lae. Istló do chodluigheann an ceann cait, istoidhche mharbhuigheann sé a chreach: i rith an lae...i rith na hoidhche. Aon néal chodlata ní thuitfeadh istló orm dá mbeinn fiú gan codladh istoidhche roime sin. Is istló is lugha oibrigheann sladaidhthe: lé solas an lae.

istoidhche: *d-bh.* d'oidhche, um oidhche, lé linn na hoidhche. Tagann an bás ar nós an ghadaidhe istoidhche: in am na hoidhche. Ní maith leis béile mhór d'ithe istoidhche: le linn na hoidhche. Istoidhche airéir, istoidhche anocht, acht istoidhche ambáireach. Bítear ag oibriughadh go tiugh ag déanamh armála istoidhche a's istló: gan sos ar bith.

istóin: *intriacht.* dar fiadh, etc. Istóin mhuise, dá mbeinn láithreach ní leigfinn do neach barra méire do bhualadh air: go dearbhtha. Sin é agat é istóin .i. an rud atá déanta aige ní bheadh súil agat leis. Pé rud atá déanta aige nó ná fuil, b'fhearr liom-sa é 'ná aonne eile, istóin: go dearbhtha. Cé hé seo, istóin?: anois. Istóin b'fhearra dhuit gan an iomad feóla d'ithe: i ndáiríribh cheart.

ithe: *b.* (*-ththe*) do ghabháil bídh 'on ghoile tríd an mbéal; biadh; alpadh; caitheamh; creimeadh; cnaoidhe; meathanas; cáineadh; íde bhéil. Níl ithe ná ól ann: ní mór de bhiadh na talmhan ag dul 'n-a ghoile. Is beag an t-ithe atá ar an ngort san d'ainmhidhe: fíorbheagán. Is beag an t-ithe atá ionat: goile beag atá agat. Is fada go raibh aon ithe ar an dtalamh san: go raibh ainmhidhthe ar féarach ann. Is mór agus is lánmhór an t-ithe d'aon fhear bán trí phúint feóla: an méid sin bídh. Ithe suarach do dhuine blúire aráin a's braon: biadh beag d'aon tomhaltas. Ag ithe do thugann sé a shaoghal .i. craosaire seadh é. Ag ithe na feóla fuaire ar a chéile is mó bhíonn siad a's ní muinnteardha: ag tabhairt íde ghránda bhéil ar a chéile. Báthadh an nadhbhóg in ithe an chuasa: sa bhfarraige chas a bhí ag teacht ón dá thaobh. A lithéid d'ithe a's fuaireas, ní raibh aon amadán fén spéir nár glaodhadh orm: íde bhéil. Ní ithe do tugadh dom mar gheall ar mo chuid dearmhad ach ithe salach: íde ghráineamhail: "tairngeadh an tuile tharm". Ithe chómh mór san tugadh gen bhfarraige don bhfaill gur caitheadh an bóthar d'aistriughadh: caitheamh. Níor bh'fhearr leis sin bheith ag ithe mhine 'ná ag bruighean: diabhal chun achrainn é. Dá mbeadh an t-ithe ar an bhfeóil bheadh an luach (mór) uirthe: breis dhá chaitheamh di. Ithe na meirge do chaill an chéachda chómh luath fén sín: cnaoidhe: creimeadh. In ithe na bollóige seadh bhíonn a tástáil .i. ní fios cad é an saghas aonnidh go dtí go mblaistear é. Ag ithe go hoidhche: mórchuid Éireann bídh do chaitheamh. Ní dheaghaidh rud lé n-ithe 'n-a bholg ó indé .i. tá sé 'n-a throscadh. Chuarduigheamair áit ithte: ball chun bídh do chaitheamh. In ainm Dé ná bí ag ithe a's ag gearradh orm ar gach aon chor: ag fagháil locht orm a's ag tabhairt na teangan dom 'n-a thaobh. "Ithe a's ól an leann dubh so", ars an tábhairneoir .i. is maith an earra lé caitheamh é. An t-ithe atá ar mo chroidhe agat ag tabhairt náire do n-a mbaineann leat: an clipeadh a's an crádh. Chuirfinn do cheann ag ithe na cré mara leigfeá dhom!: threascróchainn thu. An t-ithe roimis an saoghal aige .i. aon rud eile níl dhá thaidhbhreamh do ach é. Ní fhéadfair do bhairghean do bheith agat a's d'ithe: an lá caithtear rud sin é deireadh leis. Bhíos ag ithe m'fhiacal chugham féin nuair chonnac go raibh mo bhotún déanta agam .i. ar buile chugham féin.

itheach: (**ithteach**) *a.* tugtha d'ithe, caithteach, scallach. Ní duine itheach ag bórd thu, ní mór é t'fhoghail ar an mbiadh: ní mór d'ithir. Capall itheach seadh é, ní fios ach an méid a chuireann sé siar .i. deacair do chothughadh. Is mór gur ithtighe ar arán me 'ná ar phrátaidhibh: is díobh d'ithim an bhreis. Duine itheach é ná féadfá aon ghnóth do dhéanamh do gan an béal d'fhagháil uaidh: scallach: scallóideach: cáinteach. Bíonn an mhuir an-itheach ar thalamh bog .i. caitheann sí é.

iteachán: (**ithteachán**) *f.1.* an méid nó an tsuim a bhíos lé n-ithe. Áitrighthe ar fad a bhí sé chun iteacháin, bhí sé ráidhte nár bh'aon nath aige ceathramha céad ubh d'itheadh d'aon bhéile: suim mhór bhídh. Ag iteachán chaitheann sé leath a shaoghail, rud éigin 'n-a bhéal i gcómhnaidhe aige: ag gráinseáil. Cómhartha maith ar an sráid seo go bhfuil an oiread tigh ithteacháin innte: tighthe bidh.

iteachán: (**ithteachán**) *f.1.* duine a bhíos ag ithe go mion minic. A dhóthain choidhche níor bh'fhéidir do thabhairt d'iteachán mar é, ná stadann ach a chogansach ar siubhal.

ithim: *b.a.* tógaim biadh im ghoile, cnaoidhim, caithim, alpaim; tugaim íde bhéil do. Ithtear a's gearrtar me, seachas aonne eile, má dhéinim a luighead as an slighe: tugtar an teanga go cruaidh dom. Tá ocras orm a's d'íosfainn rud .i. slighe mhín chun a chur in iúil gur mhian leat ithe. D'ith an meas í, ní fheadair sí an ar a ceann nó a cosa shiubhalann sí: tá sí ró-mhórdhálach aiste féin. Níor ith na cait an bhliadhain fós má eitigheadh féin sinn .i. tá oiread den mbiadhain rómhainn a's go mb'fhéidir go bhfaighfí cao slat dá dtómhas féin do thabhairt. "Go n-ithid na míola críonna thu, mar an ort atá an tochas", deirtear lé duine ná bíonn glan-chroicinn. D'íosfadh sé an folcadh te: aon rud amach as an uisce beirbhthe .i. aon rud in ao'chor lé suthaidheacht. Mara n-ithidh an leanbh é íosfaidh an bhanaltra é .i. gheóbhfar duine dho má eitigheann duine é. Íosfaidh an salachar é .i. tá sé an-neamhghlan. Itheann sé a chuid cainnte rómhór 'sis deacair é do thuigsint: ní labhrann sé go soiléir. "Ní bhíonn cuimhne ar an arán do hithtear": mórchuid a néas dearmhad ar chomaoin do cuirtear ortha. "Itheam, codlam", sin mar tá aca: dream díomhaoin gur cuma leo a mbolg do bheith ar a chúinne aca. Mairg ná cuimhneochadh ar an arán d'íosfadh sé: ní hionmholta duine ná cuimhnigheann ar chomaoin. "Má tá aonne nách áil leis obair do dhéanamh ná hitheadh mar an gcéadna" (2. Tess. III. 10): biadh do thógaint. "D'ith an duine arán na n-aingeal; do chuir sé a ndíol bídh chúcha" (Sailm LXXVIII. 25): biadh do chogaint a's do shlogadh. Maidir le cainnt de, d'itheadar féin a chéile: thugadar íde na muc a's na madraidhe ar a chéile. Oiread a's greim de bhiadh na talmhan níor ith sé le seachtmhain: níor bhlais sé faic. Dream iad san gur ith an t-ocras iad: an-ghortach, sprionnlaithe. Ní ithid ach greamadghail, ní mór é a ngoile: blúiridheacha: gan béil shlán. Go n-ithidh an canncar é! (drochghuidhe) ciall eile leis – nár fhágaidh an mhíoshástacht choidhche é. Is mór an scéan (sceón) chun bídh é - d'íosfadh sé muc as an mála!: d'íosfadh sé a bhfaigheadh sé. D'itheadar an ceann muice idir cheirt chroiceann: an uile phioc de. Suidhidh agus ithidh bhur leórdhóthain (bhur ndá ndóthain) den mbiadh sóghail sin. Íosfaidh sé idir cheann earball thu lé gomh chughat pé cúis atá aige ort: ní fios an íde bhéil agus an gearradh teangan do gheóbhair uaidh. Ná bíodh aon náire oraibh, ithidh a's ólaidh uaibh: ná fágaidh ocras ná tart oraibh féin. Ní lé luighead a n-ithim é ná fuil aon chrot orm: ithim breis a's ná fuil a dheallramh orm. "An té a itheann an t-ím bíonn dath an phróca air": scáil 'n-a chroiceann. D'itheas an croidhe ionam féin léi, a's sa deireadh do thréig sí me: bhriseas mo chroidhe ag cuimhneamh 'sag smaoineamh uirthe. "Ith siar é", lé duine a bhíos mall. "Is iad na muca ciúine a itheann an mhin" .i. an dream is lugha cainnt is gnáthaighe gur leo do tuiteann rogha gach nidh. "Cheithre muca baineanna, bána ag féachaint siar ar thalamh Uí Dhálaigh, d'íosfaidís a dtiocfaidh 'sa dtáinig, as ní chacfaidís oiread an cháinthe" – cheithre chúinne na roilige. "Nuair itheann an mhuc a sáith éirigheann an biadh searbh" .i. is deacair an té go mbíonn a dhóthain aige teidhmint do dhéanamh air.

ithiomrádh: *f.1.* (*-áidh*, *-áidhte*) iomcháineadh; cúlchainnt; suainseánaidhe, cáineadh chaile. An mbeadh sé de mhisneach agat labhairt os mo chómhair amach a's gan bheith ag ithiomrádh orm lé daoinibh eile: ag maslughadh mó chlúidh. Meathtach ithiomráidh ná fuil de mhisneach aige labhairt lé béal dhuine: duine neamhmisneamhail, cúlchainnteach.

Ní hithiomrádh gur meathtach é a's gur theich sé .i. an fhírinne ghlan. Ní cuideachta d'aonne thú, ag ithiomrádh ar gach aonne: ag suainseán: ag cur síos go masluightheach.

ithiomráidhteach: *a.* cúlchainnteach, suainseánach. Is mairg a bhíos ithiomráidhteach as a theangain, gheibheann sé gnóth dhi: truagh an té go mbíonn teanga mhasluightheach aige, coimeádann sí gnóthach é. Is fada a glór ó bheith ithiomráidhteach, níor airigheas riamh aige ach an focal maith do gach aonne: díoghbhálach.

ithir: *b.5.* úir na talmhan gan fás ar bith innte; talamh oireamhnach chun curadóireacht. "A ghrádh na gcarad", ars an fear beagchlóidh go raibh cuid mhór chlainne aige, "do bhí an ithir go maith" .i. bhí an mianach clainne 'n-a mhnaoi. Ó dhubh go dubh atá a shaoghal caithte aige 'n-a chnuig ithearach do dhaoinibh eile: duine dian dícheallach ag gabháil den gcré. Prátaidhe ithearach: barra do cuirtear sa chré dheirg tréis barra báin nó eile roime sin. Ithir sruth-ghainimhe: go mbeadh mianach na gainimhe ag rith tríthe. Ná fág na prátaidhe fén ithir: fé chré (ghá mbaint). An chéachda ag dul in ithir: ródhoimhin i dtalamh.

ithireachas: *f.1.* curadóireacht. Ní ithireachas atá dhá thaidhbhreamh do ach iascaireacht: b'fhearr leis dul i dtreis a shlighe do bhaint as an bhfarraige 'ná as an dtalamh.

ithte: *a.r.* tógtha sa ghoile, caithte, cnaoidhte. Ithte lé mórdháil uirthe féin ná beannóchadh sí duit: lán suas di féin. An tsean-mheilit scine ithte gen meirg: cnaoidhte: creimthe. A chuid ithte aige: a chuid bídh caithte. B'éigean dóibh díol amach, bhíodar ithte lé fiacha: go doimhin, trom i bhfiachaibh. An bhfuil an t-iasc san chun ithte?: oireamhnach lé n-itheadh. Táim ithte im bheathaidh gem mhuinntir, toisc me bheith chun é do phósadh: bíd ag gabháil díom go mór 'n-a thaobh. An rud salach, tá sé ithte ges na míolaibh críonna!: an-shalach ar fad. Biadh so-ithte seadh iasc úr: ithtear é go blasta. Bíonn arán tur doi-ithte: deacair do chogaint a's do scaoileadh 'on ghoile. Éadach ithte ges na leamhain: mionpholltа mar bheadh criathar. Seadh, tá sé ithte go tóin agaibh!: é uile go léir. "Táim ithte agat", ag gearán nuair bhíonn cuid fir ag ainmhidhthibh fir eile. An cósta ithte gen bhfarraige: caithte roimpe. Ithte idir thóin cheann: an uile phioc. Nuair bheidh deireadh ithte beidh sibh ag coigilt .i. sin é uair bheidh an t-aithreachas oraibh nár spárálabhair. Cé chuimhnigheann ar an arán ithte?: ar na maitheasaidhibh a deintear.

iubhar: *f.1.* crann síorghlas. Saoghal an iubhair go bhfaghair: saoghal an-fhada. Saoghal an iubhair, an fhiolair a's an iomaire chriathaigh: tréimhsidhe fada.

iúcaire: *f.4.* éiscín beag abhann a's loch. Oiread a's iúcaire ní raibh agam tréis mo lae iascaigh: breac amháin: a shúil ní raibh agam.

iúl: *f.1.* eólas. Chuireas in iúil do cad é an meas a bhí agam air, a's gur bheag é: as an méid adubhart leis budh shoiléir do é. Siúd é an té a chuirfidh in iúil díbh é: a fhoillseóchaidh cad é mar shaghas duine é, a's ná beidh sibh róbhuidheach díbh féin dá chionn. Ar an dtoirt chuirfinn-se in iúil duit é: d'fhoillseóchainn duit lé neart. Cuirfidh an oidhche anocht in iúil í féin: déanfaidh sí droch-oidhche. Duine rómhaol ná cuireann in iúil é féin: ná bíonn a fhios ag aonne é do bheith ann nó as: ná déarfadh choidhche go

mbeadh rud uaidh nó ag déanamh buadhartha dho. Féach dá gcuirfeá in iúil orm gur theastuigh airgead uait go dtabharfainn duit é: dá ngearánfá liom 'n-a thaobh. Ní haon mhaith faic do chur in iúil air ach leigeant do ar a bhuille: a theasbáint do ná fuil ag déanamh i gceart. Gan a thuilleadh do rádh 'n-a thaobh ná cuireann san in iúil dúinn an ceart do bheith aige: foillsigheann go soiléir. D'aithnigheas go maith é, ach níor chuireas me féin in iúil in ao'chor do: níor innseas do cér bh'é me féin.

iuran: *b.2.* mionn, mallacht. Níl aon tor agamsa ort dá mbeitheá ag caitheamh iuranna liom go dtuiteadh an teanga asat: ag mionnadh a's ag mallachtughadh orm. Cros Dé idir sinn agus an t-olc, is mór an fear iuranna thu: mionnaidhe móra 'n-a sruth ag teacht uaidh.

L

lá: *f.* (*lae*) an seal ó éirghe go fuinneadh gréine go dtugann sí solas uaithe, an lóchtaint; an méid oibre etc. a dhéanfaí i lá, seal, tréimhse, tráth, ceannaimsir, am áirighthe cheithre huaire fichead. Bhuail sé liom an lá eile: aimsir gan sprioc léi. Lá éigin sula n-éagfaidh mo Rós Geal Dubh: aimsir ná fuil cinnteacht ag baint léi. Tá mo lá-sa thart: tráth: tráth nó tréimhse mo nirt nó mo mhaitheasa. Beidh lá eile gen bpaorach: má théigheann de dhuine uair, bíonn cao aige éirghe leis uair eile [paorach = duine go mbuailtear an bob air nó go mearuightear chómh mór san é nách eol do cad is ceart do do dhéanamh]. Lá Nodlag, lá le Pádraig etc.: lá áirighthe gur thárluigh go dtárlóchaidh nidh tábhachtach. I laetheantaibh ár dTighearna: seal aimsire: beatha nó cuid de bheatha dhuine. Sé chaill an lá ar an eiteallán gur chaill an íle uirthe: éirghe léi: buaidh. Bhí an lá leat a's é do bheith in aonfheacht leat, mar tá togha eólais ar an áit aige: an t-ádh: ní raibh baoghal ort. Dá fhaid do bhí sé ag buadhachtaint cuireadh an lá air: bhítheas rómhaith dho. Ní raibh aon chárta ar an mbórd do gheóbhadh an lá ar an aon a hart: a bheadh rómhaith do. Dá bhfaightheá an lá dathad uair air ní ghéillfeadh sé: dá gcuirtheá in iúil do: dá mbuaidhteá in argóint air. Bead trí fichid bliadhain gan lá fé ná tharais ambáireach: go beacht. Ag baint lae as dom a's ag tabhairt lae dho ar nós gach aonne, sin mar tá agam: ag maireachtaint chómh maith agus is féidir liom. An dtabharfá lá dhom: lá oibre. Gach aon phioc táim chómh haosta leat, ní fhéadfá lá do thabhairt dom: níl lá breise aoise agat orm. Cad thabharfadh an lá dhuit? an amhlaidh gur dóigh leat gur tú an t-iomaidhtheóir is fearr?: an buaidh. Faic ar dhruim na cruinne ní thabharfadh an lá dhúinne, dá fheabhas sinn a's dá fheabhas ár n-iarracht .i. sé ár ndán cailleamhaint. Má tá céad gnóth againn, tá céad lá againn .i. beirimís fada ar an saoghal: ná bíodh sainnt orainn chuige. Mar a chéile an lá indiu nó an lá indé nó fiú amháin an lá ambáireach aige siúd: bíonn sé ullamh, oireamhnach dos gach aon rud a thagas treasna air nó faic a mhaireas ní chuirfeadh mairg ná athrughadh air. An brón san aindeise ag baint dem laetheantaibh: ag ciorrbhadh mo shaoghail. Go lá do bháis (lá Philib an chleite, lá an Luain, etc.) raghadh tuigsint an scéil díot: go bráth, bráth: choidhche. Chonnac an lá fé dheireadh é, a's tá súil agam nách sia ó chonnac roime sin é go bhfeicead airís é: ar an dtaobh istigh de sheachtmhain nó mar sin. Ó lá mo bheartha ní rug a lithéid d'iomard orm: riamh. Lá lé hobair a's lá lé díomhaointeas: tugtha do. B'é sin lá thar laetheantaibh an domhain: an lá ceannain céadna. Beidh lá thar laetheantaibh ann nuair labharfaidh an taoiseach: lá iongtach. B'ait liom cad gnóth bheadh ag aonne dhíom nuair glaodhadh orm roim lá: sara dtáinig an lóchtaint. Is mithid dom stad, táim ag obair ó thúis lae: ó éirigh an ghrian. Lá dá rabhas budh bheag an nath agam ceann cuinge do chongbháil leat: seal dem shaoghal: tráth áirighthe. Pudhair mhór seadh iad ach ar nós gach aon ruda eile ní bheidh ortha ach cómhrádh naoi lá: déanfar dearmhad ortha san leis. I gcómhaireamh an lae indiu dathad bliadhain ó shoin do saoghaluigheadh me: dathad bliadhain go beacht indiu. Níl aonne ábalta ar é seo do sheasamh ag obair lá na gcéadta bliadhan: lá mór fada. Is beag do dhéanfá amuigh um Nodlaig, lá gearra, riabhach: nách féidir puinn do bhaint as. Pé ciall é, ní bhfuaireas aon achar sa lá so: aon fhaid. Nách dóigh libh ná go bhfuil cion fir déanta ges gach aonne againn, deinimís lá dhe: stadaimís, bímis sásta lé n-a bhfuil déanta. A fhuadar fúibh go ndéanfaidh sibh lá indiu dhe ar na ráiseannaibh: go mbainfidh sibh aoibhneas as. Lá anaithe ná féadfá do cheann do chur thar doras: fiadhantas, báisteach, etc. ann. B'é an lá séimh di an lá scar sí leis an réice úd: sona. Ó fuair sé an taom trom úd

ní fheaca sé aon lá dá shláinte ó shoin: i gcómhnaidhe éiglidhe. Connus do bheadh aon lá den tséan ar an té a néas éagcóir go toilteanach?: lá áidh: aon ádh in ao'chor. Dá gcloisteá iad d'iarraidh an lae do ghabháil ar a chéile: an buaidh in áiteamh. An lá go bhfuil sé chómh dona san is baoghalach ná fuil aon éirghe os a chionn: ós rud é etc. Go dtín lá indiu ní thabharfainn chun mo chuimhnte cé labhair liom .i. téigheann sé dhíom ar fad ar fad. B'ait leat duine chómh hóg leis do chailleamhaint, ní furaiste a rádh ná gur b'é a lá a bhí tagtha (istigh): gur b'é a bhí geallta dho. Mara mbíodh an cíos díolta leis an dtighearna talmhan ar an sprioclá, amach leis an dtríontaidhe: an tráth a bhíodh ceapuighthe. Nuair bhíonn duine lé bheith ar a thástáil deirtear, "indiu lá an bhreitheamhantais" deirtear lé duine go mbíonn a shláinte ag ceileabhradh: tá an lá is fearr feiscighthe aige. Chómh siléigeach san a's go bhfanfadh sé ag comhchainnt go lá geal gléigeal: 'n-a lá bán: 'n-a lá gan amhras. Lem ló ní scríobhfá an oiread san: ar feadh mo shaoghail. Mara bhfuaireamair tiomáint a's suathadh ní lá fós é: ní rud é a thárlaidh ar chor ar bith. Cuireadh ceangal lae agus lánbhliadhna orm gan mo chos do chur thar tairsing: ceangal ó thalamh. Leanbh lae ní bheadh chómh lag a's tá sé: a bhrigh imthighthe ar fad. Díreach agus an lá ag lóchtaint thug an dá chabhlach a chéile fé ndeara tréis na hoidhche do thabhairt ar lorg a chéile: ag breacadh: fuinneóga an lae ann. Cá bhfuil mo chúis ghearáin - chonnac an dá lá .i. má tá saoghal dona anois bhí sé go sona tamall agam nó má tá mo neart i ndísc anois, tráth budh mhór é. Ag caitheamh ó ló go ló a's gan aon déanamh is gearr do sheasuigheann airgead: gan sos. Lá dá dtiocfaidh beidh aithreachas ort i dtaobh do rabairne: tráth éigin fós. Ó tháinig an lá orm go bhfuaireas i ngreim thu luighfead ort agus cúiteóchair do dhroichbhearta liom: ó rug sé im bheathaidh orm: ó fuaireas an chao. Lá is sia anonn 'ná an lá indiu cuimhneóchair orm-sa agus ar an gcómhairle atá agam dhá thabhairt duit: am éigin fós bíodh sé dá fhaid uainn. Ní cuimhintighe liom an lá indiu 'ná é: tá sé glan soiléir im cheann. Má bheireann an lá beó orm-sa go mbeidh airgead airís agam déanfad príosúnach de. Ní rug an lá san air gur bh'fhearr d'fhear é 'ná me: ó rugadh é. Tá lá cómhair ag dul duit uaim: caithfead lá (oibre) cúitimh do thabhairt duit. Cé aige go bhfuil an lá?: cé bhuaidh? Cá mbeifeá ag dul i ndeireadh lae?: ródhéidheannach sa ló. "Imthigh anois a's go n-éirighidh an lá leat", deirtear mar seo le sástacht duine d'fhágaint t'fhiadhnaise. An lá 'san bhliadhain go n-éirighidh leó: ádh mór go raibh leó. Ná bíodh aon amhras ort, bead annso chómh dearbhtha leis an lá ambáireach: ní theipfead. As so amach anois beidh an lá ag síneadh: faid ag dul air. Nuair bhí sí 'n-a lá budh bhreágh an bhean í: i mbláth a saoghail. Oibridhe lae annso me agus mar sin nílim rómhór i gcúram an méid do dhéanfad. Indiu an Mháirt, seachtmhain agus lá indiu do tháinig sé .i. Dé Máirt seo d'imthigh tharainn. De ló a's d'oidhche bím ar buadhairt: do shíor. Scannróchadh sé thu bheith san áit dhiamhair úd mar ar dhein den ló .i. d'éirigh an-dhorcha ar fad. "Ach de cheann feasa maitheasa agus uilc ní íosfaidh thu de sin; óir insan ló go n-íosfaidh tu de éagfaidh tú go deimhin" (Gen II. 17): an tráth. Do phóca cara an lae chruaidh: go mbeadh rud ag teastáil go dian uait nó nuair bheadh an t-aos tagtha ort. Cuimhnigh ar na laetheanta liatha a's cuir thart 'n-a gcóir: do shean-aois. "Lá breágh (laetheanta breághtha)": leasainm fén nGaedhealtacht ar thosnóchair Gaedhealainge: toisc gur beannachadh coitcheann é a's go mbíonn ar an gcéadchuid d'fhoghlumuighid. Dá mbeití ag bagairt ar dhuine ag fógairt nó ag bagairt ar dhuine deirtear leis, "cuimhnigh ar an lá atá agat" .i. díolfair as pé rud atá déanta as an slighe agat. Tá sé ceangailte orainn Aifreann d'éisteacht gach Domhnach a's lá saoire fógartha: lá scurtha ó obair. Beid ar a laetheanta saoire: aimsir (seal) ná beidh ortha obair

do dhéanamh. “An Nodlaig in aghaidh an ráithe, an Cháisc in aghaidh na seachtmhaine, lá saoire san tarna lá, a’s lá fliuch eatartha” .i. an chuma ’n-ar mhian lé duine díomhaoin an bhliadhain do chur isteach. Cé déarfadh ná gur lá meala é: lá aoibhinn amach ’samach. Lá idir dhá shín dob eadh é: lá a tháinig i gcorp drochaimsire. Is mór ’sis maith an chabhair lá breágh. Peata lae é seo, beidh an drochaimsir chéadna ambáireach agat: lá ná fuil amach go seasóchaidh sé. Laetheanta na (bó) riabhaiche: an lá deireadh den Márta agus an dá chéad lá d’Abrán. Gach re lá bhíonn ag obair aige: gach tarna lá. “Tiocfaidh an lá fós go mbeidh gnóth ag an mbó dá hearball”: chun na gcuileann do chongbháil uaithe .i. an rud budh dhóigh leat ná faghfí gnóth dhe is minic go bhfaghfí ach a chur i gcoimeád. “Dhá lá gaoithe, dhá lá shaoire a’s dhá lá fearthainne” .i. mar budh mhian leis an ndíomhaointeas. Tá an lá ag teacht ar Shasana .i. tá sí ag druideam le deireadh a nirt. Is baoghalach gur lá cois teine dhéanfaidh sé againn: lá gan saothar. Chuaidh an lá ’n-a ghoile, ní raibh faic dá bharr aige: lá gan toradh. Aon lá cáirde ní bhfaghfá ach an t-airgead síos ar an sprioc-lá: lá breise d’fhagháil chun dualgais éigin do chóimhlíonadh. Nuair chídhtear fuadar a’s fuirse mhór oibre fé dhuine, deirtear leis, “níl obair an lae dhuit ann”. Ní tháinig lá dhá chuimhne dhom a fhiafraighe de an raibh aon iongtas ar an bpáipéar indiu?: níor chuimhnigheas beó ná marbh air: aon phioc dá chuimhne ní tháinig dom.

lab: *f. n-dh.* cuid mhór, rud is fiú. Thairng sé lab airgid as a phóca gur thuit ar an dtalamh uaidh: cuid mhór. Cá bhfuair sé an lab?: cár nó connus bhailigh sé an t-airgead ar fad. Budh chuma leó cad é an saghas ainmhidhe a bheadh agat, thabharfaidís lab duit air: luach mór. Níl aon bhaoghal nách nár di maoidheamh asat mar chéile, fuair sí lab ionat! (searbhas) .i. ní duine in ao’chor thu!: is mór mar mealladh í. Sin é an fear díreach a thabharfadh lab duit!: faic in ao’chor. “An bhfuair sé puinn spré?” – “fuair, lab”: an-chuid ar fad.

lábach: *a.* salach, droibeach, plúdach. Ní feacthas riamh ag teacht ó aonach é ach go lábach a’s tá a fhios gen saoghal an fáth san: lán de láthaigh an bhóthair. Tóg do lámha lábacha dhíom-sa: lámha barcacha .i. ná taithnigheann liom.

lábachán: *f.1.* duine nó ainmhidhe gur gnáthach a bheith salach; útamálaidhe. Nigh tu féin, a lábacháin: a rud shalaigh. Is iomdha feirmeóir ná beadh ag tabhairt bhídh do lábachán mar thu: oibridhe ná deineann obair shlachtmhar. Níl aon rud go dteangmhuigheann an lábachán san leis ná go sailigheann sé: duine neamhghasta. Mhuise, is cuma dhom anois, tá mo lá caithte, im lábachán atáim riamh ge daoinibh eile: ag déanamh gach saghas gnótha níos suaraighe ’ná a chéile.

labhairt: *b.3.* áis do bhaint as úrlabhra, do dhéanamh cainnte, do dhéanamh glóir do chur in iúil trí úrlabhra; feart nó cómhacht focail do chur as tóin a chéile. Bí ag labhairt leis, tá sé an-aonarach annsan: dein cainnt leis. Sin bean ná bíonn aon labhairt eadrainn: nílimíd muinnteardha le chéile. Cómhartha deaghaimsire seadh go bhfuil an abha ag labhairt anocht: ag déanamh glóir aoird. Ar labhairt na cuaiche sa choill: nuair dheineann sí a séis. Siúd é an duine uasal, íseal gur furaiste labhairt leis: dul chun cainnte leis. Ní deacair labhairt anois leis, tá a chroidhe briste gen saoghal a’s gen aimsir: tá sé mínighthe. Cad tá ort indiu, nách deacair labhairt leat .i. nách soifheirg ataoi. Toisc ná raibh aon bhéarla

aige a's ná raibh Gaedhealaing ag lucht na dlighe b'éigean teanga labhartha d'fhagháil: friotaire: duine i ndán a innsint 'n-a dteangain féin do thaobh cad dubhairt an taobh eile. Dá bhfaghainn cao labhartha mhíneóchainn connus mar thárla: me féin do chur in iúil. Éistidh! tá an oidhche ag labhairt: ghá chur féin in iúil .i. gaoth ag éirghe. An labhairt láidir atá ag an bhfarraige: an glór. Do labhartha beóil ní binn lé haonne annso: na cainnteanna a thagas uait. Ós ag labhairt ar Thomás é, cad é do mheas air?: ag tagairt do. Guth labhartha aige chómh bog, ceólmhar a's chuala riamh: fuaim chainnte. B'fhearr dhuit labhairt leis: é do chur ar a shúilibh nó fógra do thabhairt do. Is ionann labhairt leis an gcloich nó labhairt leis sin .i. tor ní thabharfadh ort. Tá an biadh ag labhairt anois agat, a bhuachaill, dá mb'áil leat gan oiread d'ithe: ghod bhreóitiughadh. Labhairt go né sé (biadh, deoch etc.) leat, maran cáiréiseach ataoi i dtaobh a chaithte: go ngoillidh ort. Ní labhairt do dheineann súd ach screadach: ní ar nós aonne néann sé cainnt. Bhog sé a bhéal mar bheadh sé ar tí labhartha: i bhfeidhil rud éigin do rádh.

lábánach: *f.1.* an gnáthdhuine, an mion duine. "Ó phálas Áircimídé, an rí, go dtí cabán an lábánaigh is lugha": an duine dob íochtaraighe: budh lugha tábhacht: tuata. Ní haon lábánach mise agat .i. aon ghiolla mo lithéid.

lábánacht: *b.3.* obair shuar, úiríseal; gráisceamhlacht. Ná bac an té a bhíos ag brath ar lábánacht ní mór é meas aonne air: saothar ná cuirtear mórán measa uirthe. An uile bhalcais air ag stroilleadh 'n-a dhiaidh sa lathaigh, a lithéid de lábánacht: de neamhghastacht clóidh.

lábánta: *a. n-dh.* úiríseal, salach, stroilleamhail. Daoine lábánta sinne gan taithighe ná coidreamh againn ar aonnidh gur fiú tábhacht: tuataidhe. Obair lábánta atá riamh agam, an rann 'san tsluasad: obair thuata. Gléasann sí í féin an-lábánta gan ghastacht, gan chruinneas: go stroilleamhail.

labhartha: *a.r.* ráidhte. Ní féidir breith ar an bhfocal labhartha: nuair bhíonn rud ráidhte ge duine is deacair é do leigheas. Nuair bhí an méid sin labhartha aige shuidh sé: ráidhte. Dá mbeadh ciall aige agus stad nuair bhí an méid sin labhartha aige: curtha as aige. Níl aon amhras ná go bhfuil san labhartha go maith agat: curtha in iúil: mínighthe.

labharthach: *a.* cainnteach, glórach, briathrach, líomhtha. Is tagarthach, drochlabharthach an duine é, chuirfeadh sé déistin ort bheith in aon treó dho: briathra neamhmánla aige. Cailín ní budh deaghlabharthaighe 'ná í budh dheacair d'fhagháil: budh mhánla: budh thaithneamhaighe cainnt. I dtigh an tábhairne is gnáthach labharthach sinn: go mbíonn mórán cainnte againn. Órádaidhe breágh seadh é, mara mbeadh é bheith chómh mall-labharthach: ná tagann a chuid cainnte pras chuige. Ní chuirfinn tharais é, tá sé pras-labharthach a dhóthain chuige sin: mear fén dteangain. Dá mb'áil leat gan bheith chómh labharthach bheadh breis mheasa ort: an oiread cainnte do bheith agat.

labharthacht: *b.3.* briosc fén gcainnt, líomhthacht. Is binn liom do labharthacht d'éisteóchainn choidhche leat: líomhthacht. An labharthacht a's an labharthacht a bhíonn gen dtábhairne: iomad cainnte.

labhraim: *b.a. 7 n-a.* deirim i bhfocalaibh; cuirim smaointe i mbriathraibh, cainntighim, tagraim do. Ní labharfainn leis ach oiread a's labharfainn leis an ndiabhal: ní chuirfinn cainnt air (lé gráin). Go labhraidh an biadh leat maran deacair tú do shásamh: go ngoillidh sé ort. Labhair an ghuth: "cualathas glór ón saoghal eile". Cad as go labharfad?: cad í an teanga go mbainfead áis aiste? Oiread agus focal níor labhras: níor osclas mo bhéal. Labharfad leis mara n-athruigheann sé an fuadar atá fé: cómhairleóchad é. "Do chuaidh Lot amach agus do labhair sé lé n-a chleamhanaibh..." (Gen. XIX. 14): do rinne sé cómhrádh leó. Do labhair an chuach ar neóin: do chan sí. Más beó thu, labhair!: cuir in iúil tú féin. Neach mhic an Luain níor labhair liom: d'fhan gach aonne 'n-a thost (lé heagla, déistin etc.). Labhair go mbeir cortha, deirtear lé duine ná bítear i mbun tor do thabhairt air. Smiog (gíocs, míocs) níor labhair sí: níor bhog sé a bhéal. Ní labharfadh súd leat .i. tá iomad tóirtéise ann nó tá dorcha ann féin.

lacha: *b.5.* éan coisleathan uisce. Ag cosaint lachan ar linn bheith ghá chosaint sin ón dtigh .i. tá an oiread fonn air teacht annso a's bhíonn ar an éan chun uisce. Imthigheann do chainnt dhíom mar imtheóchadh uisce de lachain .i. gan aon tsuim do chur ann. Nach neamhthaithneamhach a shiubhlann sé ar nós na lachan: ag grogadh ó thaobh taobh. Bhí an mhuir 'n-a linn lachan: chómh ciúin, mín agus b'fhéidir do bheith. Ná bí ag imtheacht id lachain .i. fliuch, salach. Focal ní thuigfinn uaidh é féin 'sa chainnt lachan: cainnt dothuigse. Is annamh súd lacha gan dúil i snámh: an té go mbíonn an dúil cheart aige i rud is deacair é do choimeád uaidh.

láchaint: *b.2.* lóchtaint, gealadh lae; breacarnach. Ní fada ó láchaint anois é: ón amhascarnaigh.

lacáiste: *f.4.* laghdughadh san méid airgid a héilightear i gcíos, etc.; lagughadh ar luach. Fuair sé lacáiste 'n-a chíos, coróin fén mbó: tuiteam. Ós rud é gur dhíolas airgead síos as an earra fuaireas lacáiste trí scillinge: níos saoire den méid sin.

lachanta: *a. n-dh.* líomhtha, niamhair, dathamhail, taithneamhach, slíogtha, mín. Bean chómh lachanta a's go dtuitfeadh so shúil uirthe, gur bh'aoibhinn leat amharc uirthe: niamhair: maiseamhail. Nách lachanta do chuimileann sí a lámh den leanbh: mín, réidh, geanamhail.

lacht: *f.3.* bainne, sughlach. Sin é mo bhuidheachas tréis me do thabhairt lacht mo chíoch duit: bainne cích. Léan ort mar bharaille, is tú an baraille gan lacht: gan leann: gan tál. Tá an gamhain ar a lacht: ag deól a mháthar. An lacht in adhairc na bó: dulta i ndísc: tirim.

lachtmhar: *a.* bainneamhail, saidhbhir fé bhainne, tálmhar. Ba lachtmhara iad san: ba a thugas mórán bainne. Luighimís leis an mbaraille lachtmhar: an baraille a thálas mórán leanna.

ládáil: *b.3.* last nó ualach luinge; cuid mhór d'aon rud; do chur ualaigh i luing nó urchair i ngunna. Bhíodh ládálacha éisc gach maidean aca: na báid lán suas de. Cé ná raibh sé ar meisce a's go raibh a shiubhal 'sa rian aige bhí ládáil mhaith ar bórd aige: cuid mhaith

dighe caithte aige. Ag ládáil a ngunnaidhe a's ghá scaoileadh: ag cur urchar ionta. Ládáil ghuail dhá fhollamhughadh cois céidh: ualach guail.

ládálaim: *b.3.* líonaim, ualuighim. Ládáil sé an trucaill go maith: chuir sé ualach maith innte. Ládáladh an bád rómhór: cuireadh an iomad innte. Tá an bád ládálta síos go slait: oiread curtha innte a's b'fhéidir léi d'iomchar. Táim "ládálta" anois: tá mo dhóthain mór caithte agam. Ládálta lé beartáin: mórchuid ar iomchar díobh.

ladar: *f.1.* spionóg mhór dhoimhin go gcois fhada, liach; an crobh. Sáidhtí ladar sa chruaidh leachta chun a tógta d'fhéachaint an mbeadh sí réidh lé tarrang. Sháidh sé a ladar san ím: crobh mór, reamhar. Is iongtach an mac é, bíonn a ladar i gcéad rud aige: baint aige leó. Cuir uait an scian 'san forc a's cuir do ladar sa phláta: oibrigh do chrobhanna. Buaileadh treasna na haghtha é lé ladar lathaighe: oiread a's tógfí sa chrobh. Tómhaistí an leite chúcha, na bochtáin, lé ladar: lé spionóig mhóir oireamhnaigh. Caithfir-se do ladar bheith ins gach aonnidh agat: lámhaidheacht. Do ladar a thabharfaidh náire dhuit .i. beir ag sciobadh rudaidhe nách leat go mbéarfar ort. Tóg do ladar as an slighe uaim .i. an lámh aindeis ná teastuigheann ann. Na ladair atá air: na crobhanna móra, láidre, neamhdheasa.

ladhar: *b.2.* 7 *5.* an eaga idir méireannaibh na lámh nó na gcos; scoilt na crúibe; clais na tóna; an crobh, lán cruibh; góilín mara; an talamh idir dhá abhainn cómhraic. Tá cor ladhrach orm: cneadh idir an órdóig a's an mhéar spáin. Chuaidh an long isteach i ladhair talmhan chun fothana: gabhal talmhan. Tá tairnge i ladhair na bó: i scoilt a crúibe. Cuir id ladhair é (drochchainnt): it thóin. Tá ladhar i mbun an ghuirt: cúinne cumhang. B'é toil Dé gur ghreamuigheas anáirde i ladhair crainn: i gclais idir ghéig a's an crann féin. Ar theacht go ladhar an bhóthair dúinn scaramair lé chéile: mar ar theangmhuigh dhá bhóthar ar a chéile. Ní raibh ges na hiascairidhibh ach ladhracha beaga éisc: bileanna beaga. Caith ladhar fhéir go dtín gcapall: ádhbhar. Dá bhfaigheadh sé ladhar phrátaidhe a's crothadh mine air is gearr bheadh an gamhain sin ag reamharughadh: ádhbhar: suim bheag. Bíonn rud éigin idir ladhrachaibh i gcómhnaidhe ag an bhfear gcéadna, ní haon fhuairthé é: ar siubhal aige. Admhuighim do Dhia ná raibh lámh ná ladhar id chuid airgid agam: aon bhaint ar domhan. Tóg mo chómhairle a's ná bíodh aon ladhar agat ann: baint ar bith. Shuidh sé ar a ladhair gráige: ar a chora ghiob. Nigh do ladhracha salacha: lámha. I ladhair an chasúra: i scoilt.

ladhrach: *a.* scoilteach, gabhalach. Thairng sé an tairnge lé casúr ladhrach: casúr a's scoilt 'n-a cheann. Bóthar ladhrach é siúd, seachain a's gaibh an t-iompodh ceart ar eagla tu do dhul amugha: bóthar go bhfuil géagbhóithre as. Ainmhidhe crúb-ladhrach seadh an bhó, ní headh an capall: scoilt sa chrúib. Crann mór ladhrach: géagach. Abha ladhrach: abha go mbíonn aibhnte ag rith isteach innte.

ladhaircín: *b.4.* lúidín, méirín. An dtugann tú fé ndeara na ladhaircínidhe atá air: méireannta beaga, an-ghearra.

ladhaircíneach: *f.1.* duine go méirínidhibh; útamálaidhe beag. Fág mo radharc a ladhaircínigh, ní fhéadfainn bheith ag féachaint ort ag obair: duine ná féadfadh aonnidh

do dhéanamh go gasta ná go slachtmhar. Níl i siopa ann ach ladhaircíneach: rud neamhanamamhail, liobarnach.

ladhraidhe: *f.4.* ablálaidhe; tuathalán; útamálaidhe. Ladhraidhe aindeis i gcistinn chumhaing seadh í, bhrisfeadh sí oiread a's nách fiú í: bean liobarnach. Dearc ar an slighe aindeis atá clocha na sráide sin curtha, ní dheárna riamh é ach ladhraidhe: duine gan fios an eolais aige. Na buinn thútacha atá curtha fés na brógaibh sin is soiléir gur ladhraidhe a chuir suas iad: dúdálaidhe: duine ná tagann a ghéaga leis go héascaidh. Duine gan mheabhair a thabharfadh dóirneálaidhe air, níl ann ach ladhraidhe: fear a bhíos ag súisteáil lé n-a ghéagaibh, stracadh thall 'sabhfus aige.

ladhráil: *b.3.* láimhseáil, ag cuimilt lámh (de); útamáil; brath fés na lámhaibh; dúmas oibre. Ná bíodh aon ladhráil agat leis an bpeictiúir sin, níl ann ach a rádh go bhfuil sé ar crochadh: ná bí ag teangbháil leis: ag bualadh do mhéar air ná ag baint aon chorruighthe as. Ladhráil an domhain 'n-a phócaidhibh aige a's gan aonnidh ag teacht aníos asta: útamáil: cuardach. Má bhír ag ladhráil an ime rómhór laitfir é: ag gabháil ded chrobhannaibh leis. Is mór an obair ná meallann an t-airgead an cléireach san a's a mbíonn dhá ladhráil aige dhe an uile lá den mbliadhain: láimhseáil: ghá chómhaireamh, ghá thabhairt amach a's ghá thógaint isteach. Ní bhfaghfá do shláinte gan bheith ag ladhráil lé rud éigin: ag útamáil: ag cur isteach ar rudaidhibh gan ghnóth gan chúram. Ná bí ghom ladhráil, adeirim leat, nó is tinn duit: ag cur do lámh orm mar bheifí ghom chuardach. Sa doircheacht, tréis na farraige ghá chaitheamh i dtalamh, thosnuigh sé ag ladhráil cois na faille aníos ag baint áit shábhálta amach: ag brath roimis lé n-a lámhaibh. Laitfir an t-iasc má bhír ag ladhráil leis: má bhír ghá shuathadh léd lámhaibh. Bíonn ladhráil dhá dhéanamh agam a's ní mór é: gíotáil: ag gabháil de ghnóthaidhibh ná hiarrann puinn duaidh.

ladhrálaidhe: *f.4.* útamálaidhe; dúdálaidhe; ablálaidhe. Seachain, a ladhrálaidhe, a's fág fé dhuine éigin atá ábalta ar é do dhéanamh mar is cóir: duine ná bíonn ach ag ionnramháil go haindeis lé n-a lámhaibh. Cuir uait do chuid bóithre, ar mh'anam féin nár thugtha dhuit dul i gcrúcaidhibh an ladhrálaidhe sin: fear a bhíos láidir (cé aindeis) as a ladhrachaibh (crobhannaibh). An ladhrálaidhe, níor bh'iontaoibh duit é do theacht in aice dhuit, ní fios duit cathain sháidhfeadh sé a lámh id phóca: duine a bhíos an-ghnóthach lé n-a lámhaibh go hamhrasach, foluightheach. Ní ladhrálaidhe é siúd ach sclábhaidhe breágh, slachtmhar: oibridhe neamhchúramach.

ladhrán: *f.1.* gabhalán, cómhrac aon dá rud ar ghéir-uillinn mar triantán, géag a's corp crainn, etc. Toisc nár bh'é an leathad céadna atá sa ghort ó cheann ceann b'éigean ladhrán do dhéanamh i gceann na n-iomairidhe sa cheann cumhang de: iad bheith ag teacht chun a chéile mar bhíonn géaga a's corp crainn. Ladhrán farraige: caisle: crompán: góilín cumhang isteach sa talamh.

ladhránach: *a.* géagach, gabhlánach. Is iomdha áit aca san chun fothana, talamh ladhránach go mbíd ag iascach 'n-a aice: góilínidhe annso a's annsúd ag dul isteach 'on talamh. Sé áit go raibh an milleadh, cá gcasfí sinn nuair thágamair ar áit ladhránaigh den

mbóthar a's gan aon eolas againn: géagach: an bóthar ag scaradh 'n-a bhreis a's aon treó amháin. Craobh mhór, láidir ladhránach: go raibh mórán mion-shlapar ag fás as an gcois.

ladhróg: *b.2.* gabhalán beag; cómhrac aon dá ruda mar iomaire, bóthar, abha, etc., ar ghéiruillinn. Beidh mórán ladhróg i gceann caol an ghuirt .i. beidh na hiomairidhe (leapacha) nó na drithlidhe ag teacht 'n-a chéile de cheal leathantais, ar nós V. Ladhróg bóthair iarainn .i. mar a dteangbhuigheann rálacha ó dhá threó nó bhreis ar a chéile. Ladhróg an chrainn tabhaill: an crann beag dhá bheann a's cos ghearr as. Chídhinn an seanduine ag baint scéach le haghaidh díon-scolb, ladhróg a's corrán aige: smut de chrann aitinn go mbíodh gabhal dhá bheann a's cos ghearr air. Buaileadh sa ladhróig é: sa chlais idir an dá mhás.

ladús: *f.1.* fastaoim chainnte, leamhas, táthaireacht. An ladús go léir, cad ná déanfadh sé féin 'e bhreis ar aonne eile, a's gan an diabhal maith ann: cainnt san aer. An oiread san ladúis aice air ná tabharfadh sí tor air nuair labhrann léi: leamhais: ceal measa. B'fhearr leat gan faic do ghlacadh as a lámhaibh, budh dhóigh leat uirthe gur in aisce do bheifeá ghá fhagháil, tá an oiread san ladúis ag baint léi: táthaireacht: mío-mhúineadh.

ladúsach: *a.* deiliúsach, pástaireach, bruadaireach, fastaomach. Nuair cheannuighim aon earra uaithe is ladúsach liom mar labhrann sí, budh dhóigh leat ná raibh an earra chéadna lé fagháil in aon áit eile, a's tóg é nó fág é 'n-a gnúis: pastaireach: táthaireach: mór-is-fiú, ait. "Scríobhfainn scéal", ar seisean, "as Gaedhealaing chómh maith lé haonne riamh!" b'shin í an chainnt ladúsach agat: baoth, aimideach. Cé uaidh gur thugais bheith chómh ladúsach, nó cad ar a shon? ná beifeá mín, deaghlabharthach: deiliúsach, baoth lé hainfhios.

ladúsaidhe: *f.4.* deiliúsaidhe, duine baothghlórach. Ní hé sin an ladúsaidhe is dóigh leat gurb é, an ghleódhgháil a bhíos aige sin, bíonn a chiall féin aige léi: gliogaire cainnte. Gach uair a bhuailfeadh sé leat, "mo ghrádh a's mo bhaonach thu" aige, sin é an ladúsaidhe agat: duine a bhíos lághach lé corp deiliúis. Ladúsaidhe go dtagann an ghráin mhairbh agam air nuair chídhim an t-éirghe anáirde agus an mustar nách dual: duine lé lán nách feas do a iomchar gan bheith tarcuisneamhail.

laetheamhail: *a.* do thárlachtaint, do láithriughadh gach lá. "Is rí-dheacair, a chara, an t-arán laetheamhail do shroichstint an aimsir seo: slighe bheatha do bhaint amach. "Ár n-arán laetheamhail tabhair dúinn indiu" (Matha VI. 11). Iongtas do chuireann sé ort, ná cuireadh, cleas laetheamhail aige sin é sin, agus is beag an nath do chuireann sé ann: deineann sé do shíor a's de ghnáth é. Áit iargcúlta ná tagann an post ann go laetheamhail: gach lá. Páipéar etc. laetheamhail.

laetheamhlacht: *b.3.* tárlachtaint an uile lá. Níor leath liom an tinneas so dá mbuaileadh sé fothuair me ach a laetheamhlacht a ghaibheann tríom: a bheith orm an uile lá. Laetheamhlacht na n-aer-ionsaidhthe, is uathbhásach, anamhóineach iad d'aon chathair: a dtárlachtaint in aghaidh an lae.

lag: *a.* fann, tréith, beag, breóidhte, doiléir; caoin, cneasta, ós íseal, suarach, íseal neamhfhonnmhar, fuathmhar, neimhfhiúghantach, mall. Lag fann atá sé gan aon éirghe ós a chionn is baoghalach: ar fíorbheagán nirt. Lag slán ar bheagán feóla, sin mar táim: bocht fé fheóil gan faic ar an sláinte agam ach ar bheagán nirt: ann as. Dá mbeadh a phóca chómh lag in (fé) airgead a's tá mo phóca-sa ní bheadh oiread réime fé: neamhtheann: ar a luighead. Láidir 'n-a ghéagaibh ach lag 'n-a dhrom: gan neart. Cad n-a thaobh tu bheith chómh lag id ghlór .i. ná labhrair amach. Má tá fonn ort teacht suas leis ná bí lag id choisidheacht: dein deifir. Tá an droichead ar an dtaobh lag, dá mbeadh ualaighe troma ag gabháil air: mós lag: ní bheadh iontaoibh agat ná go mbrisfeadh (dtuitfeadh) sé. "Cad é an saghas cártaidhe atá agat?" – "an-lag ar mhuileataidhibh" .i. gan puinn díobh ann nó an méid atá gan puinn maitheasa ionta. Bead lag ort, dar fiadh, ní mór a iarrfad ort: ní bheadh dian ort. Bí (fan) lag ar an dtéid sin nó brisfir í: ná tairng ródhian nó ná cuir an iomad ualaigh uirthe. Fan lag ar an ndigh nó beir ar meisce: ná caith ach cosamhlacht di. Lag ar do mhaididhibh annsan: cuir uait an fuadar (árd): ní gábhadh an oiread teasbántais. Nách lag atá an ceanntar fé mhucaibh, ní raibh trí chéad ar an margadh indiu: gann: ganchúiseach: iad tearc. Cad fáth ná beinn lag fé Ghaedhealaing a's a ghiorracht atáim ag gabháil di: gan flúirse dhi agam. Níl so lag chun oibre in ao'chor, ach é bheith lag i ndúthracht: i gcóir...mall. An sutha muice sínte siar sa draoib, lag ón ngréin: an ghrian ag goilleamhaint uirthe. Bheifeá lag lé gáiridhe ó bheith ag éisteacht leis 'sa scéalta grinn: tréith, gan chorruighe aca. Lag lé ceal bídh: gan biadh, gan neart. Tá sé chómh lag lé sicín indiu: a neart ar fad imthighthe. Dá mhéid an tarcuisne do thug sé dhom budh lag liom fear chómh lag leis do bhualadh: budh suarach liom san: budh neamhfhearamhail liom é. Iad súd rómhór ionta féin budh lag leó labhairt lé bochtáin mar sinne: meastar leó gur ró-úiríseal an rud é. Budh lag liom é do bhriseadh as a chuid oibre dá fheabhas bhí sé tuillte aige, toisc muirear mór do bheith air: dob fhuath liom, budh neamhthaithneamhach liom: budh neamhmeónamhail liom: budh neamhghalánta liom é dréir an mheasa atá agam-sa orm féin. Tréis na hoidhche callóidighe do chaith na saighdiúiridhe ag gluaiseacht go fliuch, fuar, ocrach is lag do bhíodar i ndán a dtriall do bhaint amach: is ar éigean. Budh lag an iongadh san, é do bheith sa tsochraid agus gaol geairrid aige leis an marbh: is beag an iongadh, etc. Is lag atá ann seasamh tréis a thuruis fhada: is ar éigean is féidir leis é. Nách lag an bheart duit duine d'eiteach ar thamall do lá oibre: suarach: domholta: neimhfhiughantach. Is lag a cúiteófí lé duine a dhícheall: ní mór a chuimhneóchadh air. "An íosfaidh sé iasc?" – "is lag air é": is beag air. "Budh lag ar a mhuinntir é toisc é bheith bocht": budh chuma leó mar gheall air. Is lag orm tú: ní chuirim aon tsuim ionat: ní leigim orm do lithéid do bheith beó. Budh lag do aon taobh aca claoidhe fós: budh dhímheas: teacht anuas. "Agus annsan adubhairt Samson léi, má cheanglaid siad me lé seacht ngadaibh úra nár tiormuigheadh riamh, annsan beidh mé lag, agus beidh mé mar gach nduine eile" (Breith. XVI. 7): fann: gan puinn nirt. Cuma chroithte lag a dhóthain air tréis a chath breóidhteachta: go bhfuil an bhrigh silte as. Dath an-lag atá ar an éadach san, níl aon néamh ann: doiléir: doiléasta, marbh. Nár ghéar an chainnt a rádh, "chómh lag le luing, ar chuan gan tuinn", sin mar tá agam .i. gan bheith i ndán corruighe: ar an bhforaoil. Chómh lag lé leanbh ó airéir .i. gan brigh an speáin: gan aon neart. Tabhair a cheart do, is deacair do shiopadóir lag cáirde fada do thabhairt uaidh: gan puinn struis nó gustail. Chómh lag lé mnaoi n-a leabaidh luighe sheóil: i bhfíordheireadh a nirt: tréith ar fad. Airgead lag ar stoc indiu: íseal: luach beag. Bórd an-lag dob eadh é: cártaidhe gan mhaith a bhí istigh.

Labhair sé, ach labhairt lag dob eadh í: gan fuinneamh ná dúthracht. Glór an-lag atá an aimsir seo aige, tá bainte dá chleitidhibh adéarfainn: an-chúthail: támáilte de dheascaibh cur siar. Labhair lag íseal: go réidh. Is lag é má tá an púnt slán aige: a dhóthain cúraim air. An rud atá déanta agat is ró-lag lé maoidheamh é: ní fiú maoidheamh dá luighead é. Duine tighearnamhail é siúd nár lag leis do leitir do léigheamh: nár shuarach, neamhghalánta leis mar bheart é. Téighir lag anois air: ná bí ródhian ar pé nidh atá ar siubhal agat. Ní fheicim ach go lag é: is ar éigean do chídhim é. Is go lag do chloiseann sé, tá bodhaire mhór air: go bocht: ar éigean. Ó, mhuise, is lag ataoi ag teacht im dhiaidh: mall. Bhrathamair sinn féin lag i gcabhair chun tabhartha fé n-a dhéanamh: gan ár gcantam ceart. Iad so do bhí lag i gcreideamh d'iompuigheadar: ná raibh an creideamh go maith aca. Lag nó láidir dom, caithfead scaoileadh fé: bím go maith nó go dona. Níl aon rud is laige ná mío-dhóchas: is mó a claoidheas an duine. Dá mbainfeá an ceann de ní dhéanfad sé lag ná láidir é: in ao'chor. Bíonn daoine is laige 'ná é ag obair: díomhaointeas atá air. Talamh lag ná tabharfadh iomad barraidhe i ndiaidh a chéile .i. ná fuil saidhbhir: gan fód mór air. Tá an baile mór an-lag anois: níl puinn tráchta dhá dhéanamh ann. Is deacair dom aonnidh cóir do dhéanamh óir cabhair lag atá agam: clann óg, nó gan dóthain cabhrach. Lag ná láidir, truagh ná tréan ní raibh aon dul agam ar é d'fhagháil: aon chao ná dul in ao'chor. "...deinidh cómhnaidhe i bhfochair bhur mban mar is cuibhe do dhaoinibh iúlmhara ag tabhairt onóra don mhnaoi amhail don tsoitheach is laige etc." (1. Peadar III. 7): is neamhdhaingne i gcreideamh. Budh thu an chabhair lag: duine ná raibh ar a dhícheall. Buail lag nó brisfir: éadtrom. D'fhreagair sé go lag gach ceist do cuireadh air: doichilleach: neamhfhonnmhar. Budh lag a mheáidh (shaoil) sé go dtiocfadh an aindeise chómh luath air a's a ghealgháirtighe do bhí sé an lá fé dheireadh: b'fhada ó n-a cheapadh é. Táid lag sa tsaoghal anois, ach ní rabhadar tamall, budh mhór é a rachmas: tuitighthe anuas: bocht.

lag: *f.1.* duine nó rud fann; clais; cabhadh; áit "mharbh". Chuirfeadh an t-ualach san lag id dhrom bheith d'iarraidh a iomchar: cabhadh: lúbadh isteach. Lag i ndrom an tighe dá chionn go bhfuil ag leigeant isteach: ísleán: áit ann níos ísle 'ná a dhá cheann. Lag sa ghort mar a gcruinnigheann mórán uisce: clais: doimhneacht thar an gcuid eile dhe. Siúd é fairír an talamh ná fuil réidh gan ann ach lagacha a's cnuic: ísleáin a's árdáin. Lag ort ná fanfadh socair!: luigheadughadh nirt. Ní théigheann aon lag ortha ach ag cainnt ort, táid árd-cheanamhail ort: sos. I rith an lae a's na hoidhche ní tháinig lag ar an mbáistigh (cath, sín etc.): aon chiorrbhadh: lagughadh: sos: maolughadh. Árduigheann an bás leis iad, gan bhuidheachas dóibh, idir lag agus láidir: truagh a's tréan: an uile dhuine aca. Tigh gan aon fhéachaint thíos i lag seadh é: clais. Cuir i lag mo láimhe chugham é go mbead deimhnightheach díot: im chrobh. Bhí an taoide idir a lag sa lom: tráighte ar fad ar fad. Is fada ó lag trágha (mara) fós: ó bheith síos ar fad. Ar an dtreighdín mheádhas go raibh sé i lag na hoidhche: meádhon oidhche. Lé duine a bhíos ag cros, ag déanamh buadhartha etc. deirtear, le searbhas, "nár théighidh aon lag ort!": nár stadair choidhche! Ná bíodh aon droichiontaoibh agat as, níl aon lag ann: éasc: ball a theipfeadh. É lán-deimhnightheach go raibh an lá leis, nuair fuair sé scéala gur theip sé thuit an lug ar an lag aige: baineadh dá threóir é: baineadh léim as: cuireadh doigh ann. "Cabhair don lag!": cabhartar leis an té atá 'n-a ceal.

lag-: *i gc.fbh.* fann, mall, gearr, beag. Ní raibh aon chall léd chuid feirge lag-adhbhar a bhí agat chun aonne láithreach: nár bh'fhiú a ainmniughadh. Is deacair do thír lag-airm a ceann do thógaint sa tsaoghal atá anois ann: ná fuil cómhachtach. Barra gan éifeacht a bheidh sa lag-bhán san: bán (talamh) nách fada ó cuireadh cheana. Lag-amharc do fuaireas air mar nách fada d'fhan fém shúil, mar sin ní fheadar i gceart cad a bhí ann: radharc gearr, beag. Níor thug uaidh ach a lag-aontadh, ní fheadar cad deirim leis: toil mhall, righin gan dúthracht. Ní fhéadfainn a dhearbhadh gur b'é a bhí ann mar ná fuil agam air ach lag-amhras: amhras gur deacair adughadh air. Tá lag-amhras orm gur me a ghoid an t-airgead: mothuightear ameasc daoine gur me a dhein é, cé ná fuil dearbhadh aca air. Fágadh í lé n-a lag-ál clainne .i. n-a baintreabhaigh a's mórán de rudaidhibh beaga óga. Cad tá ort, tá lag-at it aghaidh?: at beag mar bheadh ag tosnughadh chun borrtha. Is sinn d'fhág an pháirc go lag-bhrigheach nuair bhí an lá curtha orainn .i. gan anam, gan spirid. Nách lag-bhrigheach a chuireann sé chun gach ao'nidh: neamhfhuinneamhail. Léan ort mar uisce is ionat atá an lag-bhrigh: deoch gan speach innte ná tógaint croidhe ná misnigh. Ag obair ar lag-bhiadh, ní hiongadh gan spionnadh do bheith ionam: biadh gan scabhárd. Feóil go raibh lag-bhlas deataigh uirthe: blas beag: oiread agus go n-aithneófá é. Lag-bharamhal atá agam ar an gcapall san i gcóir an ráis .i. níl meas muinghineach agam as. Fág ar an dteine go fóill an t-uisce níl sé ach lag-bhog: fíorbheagán teódhachta atá air fós. A chladhaire an lag-chóngaimh! .i. ná raibh ag déanamh céadamhadh cuid a dhíchill. Is me a fuair an lag-chabhair nuair bhíos i ngábhtar, a's cuimhneóchad air .i. ní fiú trácht ar a bhfuaireas do chur liom. Níor deineadh ach lag-cheartughadh ar mo chuid oibre: níor leanadh mo lochta go dian orm. Mar ar thugais ortha ach an méid sin iad fuairis ar lag-chostas iad: fé bhun an chéad chostais: an méid do chosnuigheadar a dhéanamh. Níor bh'aon doigh aige freagairt, níor deineadh air ach lag-cheistiuchán .i. ná raibh doimhin ná dian. Rinne sé lag-chómhartha dhom a thuigeas go maith gur theastuigh uaidh go n-éisteóchainn: cómhartha beag. Dréir mar chídhim ag gliúcghail thu déarfainn go bhfuilir lag-chaoch: ná fuil an radharc go hiomlán agat ná i ngiorracht do. Rinne an duine céadna lag-chrádh maith orm ná héisteóchadh a bhéal, mara mbeadh é ní bheadh a fhios ag aonne cér bh'iad sinn: crádh mo dhóthain. Lag-chonntabhairt dul amach i bhfuacht gan clúid mhaith .i. gach aon chao go mb'fhéidir nár bh'fhearrde duine. Ná glaoidh in ao'chor air, níl ann ach lag-chara: ní mórán an muinnteardhas eadrainn. Ins an áit gur dóghadh me ní tháinig ann ach lag-chroiceann: cneas tanaidhe. Ní fheadfadh sé do thabhairt ann féin ach lag-chunntas mar d'imthigh cuimhne go haon nidh uaidh tréis na tionóisce: cunntas neamhchruinn. Lag-chómhairle dhuit a mholadh dho dul chun dlighe: cómhairle shuarach .i. ná raibh ar mhaithe leis. Lag-bhúntáiste dhuit a lámh do chur suas toisc gur imir sé thar láimh: búntáiste shuarach, neamhfhearamhail. Is tú is lag-chroidhthighe a bhuail riamh liom a's eagla do bheith agat roimis an spreasán san: is neamhmhisneamhla. Ní fheadar cad thagann orm ach bím an-lag-chroidheach uaireannta. Is lag-chúramach do bhíos a's dul ag cabhradh lé duine neambuidheach mar thu: beagchúramach: gan puinn eile lé déanamh agam. Is é an saghas duine é go sáidhfeadh sé thu ar lag-chúis: gan puinn córach chuige. Cheap gach aonne a bhí ag éisteacht leat ná raibh ach i lag-dhá-ríribh: nár mheádhais in ao'chor cad dubhrais. Fairidh go léir mise anois! lagdeacaracht agam an t-ualach trom so do thógaint: aon duadh in ao'chor. Lag-dhuine uasal é sin, ní hé gach aonne go ndéanfadh sé suas ná anuas leis é: duine a bhíos ag aithris ar na huaislibh. Ní rabhais-se ach ar do lag-dhícheallach budh cheart duit náire do bheith ort .i. ag dúmas is mó do bhís. Ní

bhainim as an gcainnt ach lag-éifeacht, tá sí róchrosta dom: beagán tuigseana. An fear bocht ní ghá chasadh leis é, níl aige ach lag-éifeacht .i. gan inchinn ghéar. Tagann lag-éad ar an mbarránach dá bhfeiceadh sé aonne ag cainnt lé n-a ghrádh: breac-éad: borradh beag éada. Aon rud a bhíonn rófhlúirseach ní bhíonn air ach lag-éileamh: éileamh nó iarraidh gan áird. Lag-éileamh atá aice air, cé nách dóigh leis sin: beagán ceana. Sin é an lag-éirghe atá aige dhá dhéanamh: go mall ag fágaint na leapan tréis breoidhteachta. Lag-éirghe atá sa stoc: breis bheag luacha. Bhíodar lag-fhabhrach liom ar a son féin: cuibheasach fabhrach ach is iad a bhí go lag-fhabhrach liom .i. ní rabhadar aon phioc. Ná bac aonne a bhíos ag brath ar lag-fhagháltas: sealbhantas gan tábhacht. Ná tabhair ar an stráice ach lag-fháscadh nó goirteóchair an chneadh: fáscadh éadtrom. Lagfhás atá féd chuid chruithneachta: fás mall. Tá lag-fheabhas ag teacht air: maitheas mhall. Mórchuid lag-fhiacha orm a chaithfead a dhíol: fiacha beaga miona thall 'sabhfus. Ar a righine atáir ag corruighe lag-fhonn dul ann is dóigh liom atá ort: fonn an-bheag. Bheadh lag-fhonn orm dul i ngiorracht don mharbh: ní bheadh mór-mhisneach agam. Is lag-fhuaimeantamhail atá an chloch san curtha sa bhfalla: gan an greim ceart. Ith do chuid bídh, tá sé lag-fhuar ort: nách mór fuar ar fad. Ól an deoch so anois tá sí lag-fhuar a dóthain: chómh fuar a's gur féidir í d'fhulang. Fuaireas lag-fhuascailt ar an dtinneas: faoiseamh beag. Is é sin an lag-fhulang do dhéanfá-sa mar ná fuil an seasamh ionat: an foidhneamh beag, suarach. Ag gearán ar lag-ghoile atá sé .i. ná réidhtigheann an biadh go rómhaith leis. Duine lag-ghoileach a chaitheas biadh speisialta d'fhagháil: goile nách é gach aon rud a réidhtigheas leis. Ní gábhadh dhíbh bheith ag lag-gháiridhe in ao'chor, níltí féin ar fheabhas: cleithmhagadh: gáiridhe leó féin. Nách lag-ghairteach ataoi indiu, cad é an bárthan atá ort?: mío-ghnaoidheach: neamhshultmhar. Dhein, a's ná bodhar me leis, dhein sé lag-ghaisce ar dhaoinibh ná raibh arm aca: gaisce gur náire maoidheamh aiste. Tháinig lag-ghaoth adtuaidh a bhog a's a bhorr ár seolta: éadtrom. Táir ar an nduine is lag-ghluaiste dá bhfeacaidh súil: neamh-éascaidh. B'í sin féin an lag-iarracht do thug sé ar an mbaile do thógaint: iarracht gan fuinneamh gan dúthracht. Ní rabhas ach ar lag-inntin dul ann go dtí go bhfeaca gach aonne ag imtheacht: fonn a's míofhonn orm. Trí lag-ionsaidhthe aoir do deineadh ar an gcathair indé dréir tuairisce .i. ná raibh neart leó. Fear lag-inntineach seadh é gur furaiste a iompódh as a threó: ná fuil neart ann leanamhaint dá thoisc. Ná bí chómh lag-ladhrach a's ná cuirfeá chun san do thógaint: chómh ceanamhail ar do lámhaibh. Nách lag-labhartha ataoi gur ar éigean is féidir tu do chlos: íseal fé chainnt. Um an dtaca san ní raibh puinn as an soitheach, bhí sé lag-lán: nách mór lán. Ní maith liom an lag-lán atá fén bhfear san, cad ar a shon?: meas nách call do. Tógtar na prátaidhe, tá siad lag-leachta: beirbhthe thar n-a gceart. Ní maith liom dul 'n-a ghoire mar ná fuil agam do ach lag-leathscéal: ceann bocht. Bearbóir gan mhaith nár dhein ach lag-lomadh ar mo cheann: gan an ghruaig do bhearradh 'n-a ceart. Lag-luadar chughat!: ná rabhair i ndán corruighe ná siubhal. Cuireann sé lag-mhisneach orm nuair chídhim tréis mo shaothair gan aon dul chun cinn dhá dhéanamh agam: mío-dhóchas. Níor fhear lag-mhisneamhail é siúd, ach 'n-a dhiaidh san cuireadh scannradh an lá úd air: cródha: neamheaglach. Ná bíodh aon ghearán aige, tháinig sé as go maith, níl air ach lag-mháchailidhe: gortughadh is furaiste do leigheas. Dar fiadh, ach chuir an deoch bheag úd lag-mheisce air: túis meisce. Níl ionat ach an lag-mhianach, a mhic ó, éirigh as .i. ceal an mhianaigh chirt. Cuir uait an lag-mhustar, níl beann ag neach annso ort: an t-éirghe anáirde gan deallramh. Chuir rud éigin lag-thuirse orm: tuirse ann as. Tháinig lag-náire gur sceinn focal gránda uaim: náire a mhothuigheas go maith. Duine lag-néalach é sin, ná

cuireadh sé aon bhráig ort: duine ná fanann olc i bhfad air. Lag-ól a néann sé, bíonn a rian air, is annamh chídhtear ar meisce é: ólachán suarach. Is é an leanbh lag-ómósach dá mhuinntir é: ná tugann tor ná géilleadh dhóibh. Tá sé lé maoidheamh aige ná deárna sé beart lag-onórach riamh: go mbeadh náire air tríd: neamhghalánta. Bhíos lag-pháiseach mo dhóthain faid bhí an dochtúir ghom lannsáil: ar bheagán misnigh ag bruic lé tinneas: lag-spirideamhail. Chun na fírinne a innsint, ní raibh an fear so ach lag-pháirteach sa bheart: gan fonn mór air lámh ná ladhar do bheith aige innte. Maran tú atá go lag-phlaoscach go bhfuilir chómh furaiste sin do ghortughadh: ceann leóchaileach. Níor ghábhadh dho san lag-phoinnte mar é d'eiteach ar bheagán do dhéanamh air: suaraidheacht d'imirt air. Is iad go bhfuil an lag-rabairne ag roinnt leó iad: neamhraidhse: neamhfhlúirse: má riarfaidís is fíor-bheagán é. Chuala go raibh lag-ráidhteachas cleamhnais eatartha: tagairt bheag éigin. Is é an lag-rath do bhuail mise tréis mo shaothair: toradh gan mhaith. Beidh lag-ré anocht ann ar dheireadh na hoidhche: beagán beag gealaighe. Bhíomair traochta marbh, b'í an lag-rochtaint againn í: go fann do shroicheamair ár dtriall. Níor thugadar ach lag-ruathar fén mbáire: ionsaidhe gan anam ná fuinneamh. Creid é nó ná creid é, tá an fear san lag-shaidhbhir gen siopa san .i. cuid mhór airgid déanta as aige. Feóil lag-shaillte seadh í, níl sí deaghbhlasta: gan í leasuighthe ach go holc. Ith leat, dar ndóigh níl ach do lag-sháith fós agat .i. is fada ó bheith sásta thu. Lag-sheans atá aige ar an ionad san, tá an iomad istigh air .i. cao bheag ar í do ghnóthughadh. Níl ag Éirinn ach lag-shaoirse: saoirse neamhiomlán. Bheadh iasc lag-shaor a dhóthain ar deich scillinge an céad ar an nduadh do gheibheann an t-iascaire bocht uaidh: saor go maith. A's a chroidhe díchill do dhéanamh ní dhéanfadh ach lag-shaothar, mar tá an iomad dá aois tagtha: gnóthughadh suarach. Tréis a ndubhradar a's a ndeárnadar 'n-a choinnibh níor dheineadar ach lag-shárughadh: stad beag do bhaint as, a's níor mhór é. Lean id lag-shíntiús, bheadh náire orm m'ainm do chur i dtreis leis: síntiús suarach, doicheallach. I lag-thalamh is fearr d'fhásfaidís: talamh a bheadh briste, curtha go mion, minic. Ar lag-thrághadh (mara) bíonn an fhochais nochtuighthe: nuair a bhíonn an taoide ar a ísle. Lag-thruagh atá agam-sa dho san, nár thug aire dho féin, mar is minic cómhairlighthe é: beagán truaighe. Lag-theist atá ag muinntir na háite air: cunntas bocht do thugaid air. Bíonn lag-tharrac siar a's ó thuaidh ag an dtaoide ar dheireadh aithbhe: tarrac mall, beag. Deirtear pé rud is áil leó im thaobh lé lag-thoil do dheineas é .i. ní raibh mo chroidhe ná m'aigne leis. Mara mbeadh an lag-thuairisc do tugadh ort agus do thugais féin ionat féin bhí na cosa agat: cúnntaisidhe míoshásamhacha. Lag-theine nár mhór don bhfeóil sin chun í do bhruith 'n-a ceart: meath-theine: mall-theine. Is é fear na lag-thréithe é ná feacthas maith ar a láimh riamh ná gníomh maith 'n-a dhiaidh .i. nách féidir dom a mholadh mar seo ná mar siúd. Lag-thuigsint dom dob eadh gan glaodhach ort, mar budh cheart gur bh'eól dom agam ná uaim thu: tuairm gan éifeacht: droichcheapadh. Bhuail lag-uaisle an bhaile mhóir liom, cléirigh bainnc, siopadóiridhe etc.: iad so a bhíos ag aithris ar an uaisle. An lá is daingne do bhí greim ag Sasana ar Éirinn ní rabhamair ach lag-umhal di: umhal nó géilleamhail go neamhthoilteanach.

lághach: *a.* séimh, sultmhar, miochair, cneasta, síbhialta. Chómh lághach de dhuine chun dul chun cainnte leis agus gheóbhfá, fiafruightheach, grádhmhar 'n-a chómhrádh: mín, síbhialta. Níl an Ghearmáin agus Sasana ró-lághach lé chéile fé láthair: róchneasta 'n-a n-aigne dá chéile ná ins na rudaidhibh adeirid i dtaobh a chéile. Sara mbead-sa réidh leat beir lághach agam: mínighthe. Cuma lághach air pé scéal é .i. gur bh'fhuraiste labhairt

leis a's cóstáil leis. Budh lághach an bheart ón nduine deóranta a shuidheachán do thabhairt dom agus é féin do sheasamh: múinte, béasach, meastamhail. Dá mbeifeá níos lághaiche leis an leanbh ní ghoilfeadh sé: níos cneasta: breis cheanamhlachta do theasbáint do. Nár lághach uaidh tú do cháineadh!: nár chneasta, grádhmhar é! Daoine lághacha chun buailte isteach chúcha, gheóbhfá an chainnt a's an biadh uatha: galánta: modhamhail. Bí lághach a's beidh subháilceas againn: gnaoidheamhail. Bíonn gach aonne lághach go ndóightear a ghearb .i. ní bheadh a fhios agat cad é an mianach a bhíonn in aonne go dtí go mbíonn an tástáil cheart agat air.

lagachar: *f.1.* laige, fainne, anbhfainne. Cuireann cainnt ait mar í sin lagachar ar mo chroidhe-se istigh: mío-shástacht mhór: goilleamhaint. Cé hé an té ná beadh gan biadh ar feadh dhá lae ná go mbeadh lagachar air: laige. Íosfad agus é, tuige ná híosfainn, a's lagachar ocrais orm: laige de cheal bídh. Lagachar an easbhaidh atá ag teacht leis: fainne de cheal a choda féin chun a chothuighthe. Aon lagachar níl ag dul air, d'fhanfadh ag cainnt mar sin anois go maidean gheal: maolughadh: an t-imtheacht céadna rithe seama. Ag déanamh ar an maidin chuaidh lagachar air: mhaoluigh an tsín. Leis an aois seadh thagann an lagachar: an laige. Sé a chuirfeadh an lagachar ort, tréis an mhaoidhte go léir ar na páipéaraibh gan faic déanta aca: déistin. Seachain an áit sin, tá lagachar ann: é do bheith níos laige 'ná aon chuid eile dhe. Cuireann an iomad bídh lagachar ar mo ghoile: ní fhanann díleaghadh go maith. Lagachar id ghoile!: masla shláinte go n-éirighidh dhuit. Tháinig lagachar air istigh sa tsáipéal gur bh'éigean é do thógaint amach idir chabhair: taom: treighid.

lághacht: *b.3.* séimhe, ceannsacht, míonlacht. An lághacht go léir atá ann ná taithnigheann liom: an dúmas muinnteardhais. Níl aon lághacht ag baint leis, is é "theangbhuigh liom" é: míne: faidteadhlaighe. Fuaireas lághacht faid bhí rud agam nuair ná raibh fuaireas rud do thabhairt dom: faid bhíos tairbheach dóibh bhítheas séimh síbhialta grádhmhar liom nuair bhíos dealbh tugadh bata a's bóthar dom.

lagadh: *f.* (*-gtha*) do mhaolughadh, luigheadughadh, do staonadh. Dá fheabhas aire atá dhá thabhairt do níl aon lagadh ag dul ar an dtinneas, tá sé chómh dian air a's bhí riamh: maolughadh. Lagadh ort!: go n-imthighidh do neart uait: díoghbháil chuirp go dtárlaidh dhuit. Lagadh ná staonadh ní dhearna sé, dá mhéid duaidh agus anróidh a rug air, gur bhain sé amach a bhaile dúthchais: maolughadh ar an iarracht. An ndéarfá go bhfuil lagadh ag teacht ar an lá?: an tsín ag dul i mbuige. Pé aos atá agat níl aon lagadh fós ort: táir chómh hanamamhail a's bhís riamh. Is mór an iongadh lagadh i stoc in aimsir chogaidh: tuiteam sa luach.

lagadas: *f.1.* laige, neamhanamamhlacht, ísle bhrigh. Sínte siar sa chúinne 'n-a shliasta gan chor as láimh ná ar ghéig lé lagadas ceart: 'n-a shlaod. An lagadas a leanas an teas go léir sa tír úd d'fhágfadh tu gan fonn corruighthe: mairbheacht.

lagaim: (**laguighim**) *b.a. 7 n-a.* téighim i laige, maoluighim, stríocaim, géillim, maithim, caillim mo neart. Is mór mar laguighis ó lá chonnac-sa nár mhisneach d'aonne dul id threis a's indiu gur tu a ndreóilín spóirt: do thrághaidh do neart. Dá mhéid gaoithe móire aige lagóchaidh sé uaidh féin fós: imtheóchaidh an gleódh: traochfar é. Ná laguigh ar do

bhuille: congaibh an ionga dhearg air: lean den réir atá fút. “Nár laguighidh Dia thu (do lámh, etc.)”: deirtear lé duine a néas beart mhaith nó go dtaithneóchadh a imtheachta leat. Laguigh ar an gcainnt, táir beagán borb: ná labhair chómh teann. Laguigh ar mo chroidhe ar feadh leathuairín nuair chonnac a raibh im choinnibh: d’imthigh mo mhisneach uaim. Lagóchadh sé dhuit dá bhfeiceadh go raibh aon fhonn ceannuighthe ort: d’ísleóchadh sé ar an méid a bhí dhá éileamh aige. Laguigh dom sa bróga so: ísligh an luach. “Lagóchaidh Dia fós é”, deirtear le holc nó lé cráidhteacht .i. mara bhfuilimíd-ne i ndán é smachtughadh, smachtóchaidh Dia é. Laguigheadh an cíos ar na tighthibh: tugadh lacáiste ann. Ní lagóchair choidhche, bail ó Dhia ort: ní raghair chun deiridh. “Nár laguighidh Dia do chuisle”, deirtear lé duine ghá mholadh.

lagáiseach: *a.* leóchaileach, faitchíosach, neamhmisneamhail, spadánta, dolbhach, neamhmeanmnach. Ní mharbhóchaidh an deoch san in ao’chor thu, chun do mhaitheasa atáir ghá fagháil, nach lagáiseach ataoi ná caithfeadh siar í: lag-spirideamhail: neamhmisneamhail. Aon tinneas ní fhéadfadh d’fhulang tá sé chómh lagáiseach san: faitchíosach: eaglach go sciobfadh rud dá luighead as an saoghal é.

lagáisighe: *b.4.* fainne, leóchaileacht, dí-mhisneamhlacht, faithteacht roim fhulang, tláitheacht. Ní leigfeadh an lagáisighe dho foidhneamh leis an snáthaid: leóchaileachta. B’fhearr leis bheith marbh ná dul i ngiorracht don gcorpán lé lagáisighe: mí-mhisneamhlacht: laige aigne. Ní bhíonn ach ag blaistínteacht ar an mbiadh lé lagáisighe: ceal misnigh chun a ithte: neamhfhonn trí fhaithteacht. Lagáisighe croidhe atá ag teacht leis, ná bíonn fonn air tabhairt fé aonnidh: faitchíos éigin ar a lúthachaibh.

lagán: *f.1.* log bheag, lochán, clais thalmhan. Dá bhfeictheá é sin ar cosanáirde a’s uisce dhá chur san aer aige as lagánaibh an bhóthair: na claiseacha a ghaibh an bháisteach. An bóthar lán de lagánaibh, is aindeis é do ghluaisteán: puill “chorcáin”. Sa lagán san ó thuaidh go bun na gcnoc: talamh íseal. Lagán sa chlós go gcaithfear sraoth do thabhairt do: clais dhoimhin uisce go gcaithfear a diúgadh. Seachain tu féin ag dul treasna mar tá mórán lagán rómhat: baill atá níos doimhne ’ná an talamh ’n-a dtímcheall. Mar ar thuit sé ar bhior a chinn tá lagán ’n-a cheann: clais chréachta. Lagán gan iasc: lochán go mbíonn uisce ann lé fliuchra, a’s a thriomuigheann ó ám go ham.

lagánach: *a.* logach, clasach. Duadh seadh é do threabhadh tá sé chómh lagánach san: claiseacha ann. Tráigh neamhréidh, lagánach: lán de phollaibh uisce.

lagar: *f.1.* laige, maolughadh. Mo lagar! a’s dá bhfaighinn-se chun mo dhá láimh é: sin do thabharfainn rud do atá ag dul do: fairír! ná faghaim. Mo lagar a’s mo bhrón mór go raghad ’on talamh ’sis fada ó shaothar an útamáil seo: fairír géar. Deirtear “mo lagar!” lé nidh ná taithnigheann linn nó gur b’eól dúinn a bheith gan tairbhe. Mo lagar dubhach! is é siúd an fear (díbh, etc.): bítear lándeimhnightheach de. Lagar domh-sa in ao’chor ní headh dá mbeitheá ag cainnt go maidean: aon mhairg ní chuireann orm.

laghdúchán: (**laigheadúchán, luigheadúchán**) *f.1.* maolughadh, ciorrbhadh, staonadh, stríocadh. An rud ná bítear ag cur ann téigheann laghdúchán air: maolughadh: tagann luighead air: imthigheann a thoirt. Budh mhór an laghdúchán scilling sa chéad éisc dá

mbeadh aon dlúthas ag duine dhe: ciorrbhadh: tuiteam. Cad is fiú réal mar laghdúchán luacha: ísliughadh. An sciolpa do baineadh den gcarraig rinne laghdúchán mór uirthe: bhí sí go mór níos lugha dá dheascaibh.

laghdughadh: (**laigheadughadh, luigheadughadh**) *f.* (*-uighthe*) maolughadh, lagughadh, ciorrbhadh, dísciughadh, fánughadh, leaghadh, trághadh. An t-at ag laghdughadh gen gceiridhe, níl sé leath chómh mór agus do bhí sé: ag trághadh: ag dul as. Laghdughadh ná raibh ort! .i. neartughadh leat. Ná rabhair choidhche níos boichte. An bhfuil laghdughadh ar an ngála, ní chloisim an oiread fothruim aige: staonadh. Ar mh'anam go dtugaim fé ndeara annsan lé déidheannaighe laghdughadh ar a láimh, lé bochtanacht is dócha .i. gan é do bheith chómh flaitheamhail. An dóigh leat go bhfuil laghdughadh ag dul air leis an aois: go bhfuil sé ag dul i mbige. An iomad dhá chaitheamh againn tá ár gcuid ag laghdughadh: dísciughadh, gan an oiread ann de agus do bhíodh. Meádhann tuarasdail laghdughadh caithte: mara mbíonn an déanamh ann ní bhíonn an tslighe chun caithte ann. Lé deich mbliadhnaibh anuas is mór an laghdughadh a chuaidh ar na doainibh annso: dísciughadh: gan in aon ghiorracht don líon céadna do bheith ann. Budh mhara chéile dhom a rádh leis an seól do laghdughadh lé é do leathanughadh, bhí sé chómh ceanndáine: do chrapadh trí choraibh do chur ann. Bhí an oiread san ólta aige go raibh na súile ag laghdughadh 'n-a cheann: cuma bheag mheathluighthe ag teacht ortha. An laghdughadh misnigh atá ag teacht ort ná tabharfá fé?: meath misnigh. Tá múinteóiridhe dhá laghdughadh: a dtuarasdal dhá isliughadh. Aon rud do dhéanfá ní dhéanfadh sé laghdughadh orm-sa: cur siar, olcas.

laghduighim: (**laigheaduighim, luigheaduighim**) maoluighim, ciorrbhaim, laguighim, íslighim, leagaim, bochtnuighim, dealbhuighim. Luigheaduigh ar an siubhal, adeirim leat, nó teangbhóchaidh duit: maoluigh: ná gluais chómh mear. Ní luigheadóchadh sé ar a chuid cainnte dá bhfaigheadh sé an ghlóire, budh bhreágh leis gach aonne ghá chlos: ní ísleóchadh a ghuth. An bhéic sin do baineadh as b'fhéidir go luigheadóchadh sí an meas ann: go mbainfeadh sí dá chleitidhibh. Luigheaduigh ar do láimh nó beidh thiar ort: ná caith chómh rabairneach: ná tabhair uait chómh bog. Do luigheaduigheadh go mór lé déidheannaighe iad, níl dóibh anois ach púnt sa tseachtmhain: ísligheadh an teacht isteach. Ar an méid do luigheadóchadh sé é geallaim gur sprionnlaithe an rud do é do chongbháil uait: a chosnóchadh sé air nó a chuirfeadh sé siar é. Siúd é an buachaill a luigheadóchadh ar caipín ar do chúl duit: a smachtóchadh thu: a bhainfeadh an meas díot. Ní hé an méid do luigheadóchadh sé thu, rud do thabhairt do, in ao'chor a chuirfeadh aon mhairg ort ach a neamhbuidhthighe do bheadh sé dhuit: a chuirfeadh sé chun deiridh thu. Ní luigheadóchaidh earraidhe ambliadhna, connus mhairfidh bochtáin?: ní ísleochaidh a luach. Nár luigheaduighid Dia aonne a ghoillfeadh ná a fhóirfeadh orainn: nár né a ndíoghbháil. Fan go luigheadóchad t'ualach duit: go gcabhrad leat. Is mór mar luigheaduigheadh é an uair do briseadh as a adhmanas é: ísligheadh: baineadh dá réim: treascaradh é. An bhochtanacht a's an drochshaoghal a luigheaduigh na daoine annso: a fhánuigh iad: a ísligh a líon.

laghduighthe: (**laigheaduighthe, luigheaduighthe**) *a.r.* maoluighthe; curtha ar gcúl; díscighthe, íslighthe, fánuighthe. Táim laghduighthe agat, éirigh asam, ná habair a thuilleadh liom: ciúnuighthe. Tá an tuile laghduighthe is féidir dul treasna na habhann

anois: íslighthe. Tá laghduighthe sa chíos dom .i. níl orm oiread do dhíol. Aon phioc den dtinneas níl laghduighthe ó mhaidean: maoluighthe. B'fhéidir go bhfuil a cheann níos laghduighthe 'ná mar bhíodh sé .i. ná fuil an oiread éirghe anáirde fé. Dá mbeadh an taoide laghduighthe b'fhéidir dul i dtalamh: íslighthe: tráighte. Tuarasdal laghduighthe atá agam anois, níl ar mo chumas an oiread do chaitheamh: ciorrbhaidhthe.

lagrachán: *f.1.* duine lag i gcorp nó in inntin. Sin é clódh atá air sin riamh, 'n-a lagrachán, ní tháinig neart ná scrothaidheacht ann: meathalán. Ní raibh aon ghnóth aige i dtreis leo súd, bodaigh ghlioca a scannruigh an t-anam sa lagrachán .i. in intinn chómh lag san go n-imreóchaidís a dtoil air. Más dóigh leat go scannróchaidh do ghothaidhe mise, tá dearmhad mór ort, ní haon lagrachán mise agat: duine gan seasamh a chirt 'sa chóra ann.

lagrachán: *f.1.* laige, maoile. Congaibh do mhisneach faid mhairfeam, ná tagadh aon lagrachán ort nó tá deireadh linn: laige spiride. Ar dtúis bhí fuadar árd fé, budh dhóigh leat go scriosfadh sé roimis, ach ní raibh sé buan, tháinig lagrachán air: maoile: luigheadughadh ar an saothar mór.

lagradh: *f.1.* maoile, fainne, maolughadh, sos. Ag déanamh siar ar dheireadh an lae tagann beagán lagraidh orm ó bheith ag scríobh. Ná tagadh aon lagradh oraibh anois a's beidh an buaidh libh: maolughadh iarrachta. Lagradh ort mar mhadra, tá mo chuid aráin árduighthe leat agat: maisle chughat! Dréir na bpáipéar indiu tháinig lagradh le dhá lá ar na hionsaidhthibh aoir: maolughadh: ní rabhadar chómh hiomadamhail ná chómh dian.

lagughadh: *f.* (*-uighthe*) maolughadh, ísliughadh, caolughadh, lacáiste, teacht anuas. Fuaireadar lagughadh maith nuair cailleadh triúr clainne leó in aon bhliadhain: cur siar agus buaidhreamh. An raghaidh aon lagughadh go deó ort? .i. beir láidir choidhche dréir do dheallraimh. É ag cainnt anois lé dhá uair an chluig a's gan aon lagughadh ag teacht air: maolughadh: ar an aiste láidir chéadna fós. Tugadh fé chúirt an talamh a's fuairtheas lagughadh cíosa dá bharr: lacáiste: ísliughadh. Budh dhóigh leat go mbeadh lagughadh ar an aimsir: ciúnughadh. Is mór an lagughadh sa tsaoghal é an áit ná féadfá do chos do tharrac tráth lé trangláil a's daoine gan neach beó ag dul thar doras anois ann: teacht anuas. Is mór an lagughadh ar bhainne uisce do chur tríd: caolughadh nirt. Níl aon lagughadh ar an ngaoith seo ach an bháisteach: staonadh. Is gearr uaidh an bás, tá a chuid cainnte ag lagughadh: an bheódhacht 'san fuinneamh ag imtheacht aiste. Tháinig lagughadh páigh a's d'fhág na sclábhaidhthe: págh níos ísle. Ní bheinn ghom lagughadh féin leat .i. ag cor mo chainnte. Tá an tinneas dulta chun laguighthe .i. níl sé chómh dian agus bhí sé. D'iarraidh do mhisnigh do lagughadh atá sé, ní fíor focal dá n-abrann sé: do mhisneach do bhriseadh.

láib: *b.2.* lathach, draoib. Láib ó cheann go sáil me tréis mo threascartha .i. me salach, barcach ó mhullach talamh. "Focal amadáin nó dealg láibe" d'fhéadfaidís bheith an-ghéar .i. ní bhrisfeadh dealg na láibe ar theangbháil leat ach dul tríot. Sa láib do chaithis do shaoghal: id sclábhaidhe chruaidh.

laibhínteacht: *b.3.* comhchainnt. Mheilfeadh sé a lá 'sa shaoghal ag laibhínteacht leis gach aonne a thagas treasna air: ag cainnt ar gach aon rud a thiocfadh chun a chuimhnte.

laidhe: *b.4.* (*iol.* laidhthe) ursa, cuaille trucallach. Briseadh leathlaidhthe (leachlaithe) na cairte nuair hiompuigheadh í: an dá chuaille go mbíonn an capall eatartha istigh. Caithfear leathlaidhe (leachlaidhe) nuadh do chur in ionad an tseanchinn. A's me ag gabháil thar an dtigh chonnac 'n-a sheasamh é idir dhá laidhe (ligh) an dorais: dhá ursain.

laidean: *f.1.* an teanga san a labhartí san tsean-Róimh. Scoláire Laidne. Ní léigheann go Laidean: gan Laidean ní tuigtí gur scoláire teangan aonne.

láidir: *a.* daingean, cómhachtach i gcorp, neartmhar, teann, foirtil; fiadhain, garbh. Seachain an ghaoth láidir ar farraige .i. a bhíos ag gluaiseacht lé fuinneamh. Arm láidir atá ag an nGearmáin .i. go bhfuil na milliúin fear ann agus iad inneallta thar barr. Tháinig cainnt an-láidir uaidh nuair dubhairt sé go dtroidfimís go dtín ruibe déidheannach aon namhaid a theangbhóchadh lé n-ár saoirse: chuir sé in iúil é féin go soiléir daingean gan aon futa fata. Níor mhaith liom éisteacht a thuilleadh lé cainnt a bhí chómh láidir sin go raibh mionna móra ag léimrigh tríthe: borb, dásachtach. Bhí tuairmidhe láidre i dtaobh a thíre agus gheóbhadh bás ar a son níos túisce 'ná stríocfadh sé: bhraith sé go díoghraiseach daingean iad. Mara mbeadh ná raibh sé in aon ghaobhar don áit bheadh amhras láidir agam gur b'é budh chionntach leis an gcoir: cinnte nách mór. Fáth láidir agam gur cheart dom bheith ar a thaobh ó b'é budh thairbhighe dhom, dar liom: taidhbhsigheann sé mar sin go mór dom aigne. Tá blas agus boladh láidir ón dtigh sin: cuireann siad ar na siansa agam. Beathuisce ró-láidir d'aonne é sin, leagfadh beagán de thu: gan bheith lag ná báidhteach: cuid mhór mhór den gcáilidheacht dúile ann. "Tá Dia láidir agus máthair mhaith aige", deirtear i ndóchas go raghadh feabhas ar rud nó ar dhuine. Is maith láidir an coimpléas atá aige: sláinteamhail, folláin. Daingean láidir ag béal an chuain: áit budh dheacair do thógaint trí ionsaidhe. Téad láidir í sin a thabharfadh seasamh uaithe: teann, righin: buan, deacair do bhriseadh. Is air is láidre me ná tiocfaidh sé más féidir tátall do bhaint as an gcainnt adubhairt sé: is í mo thuairm ghlan beagnach. Nílim láidir ar an lá do tháinig ach mo thuairm gurb í an Mháirt í: ródheimhnightheach. Beid go láidir ar do thaobh: déanfaid a ndícheall duit nó beidh a léighe leat. Beir go lán láidir fós lé congamh Dé: slán i sláinte mhaith. Dar fiadh, is láidir a tháinighis anois féin, tréis ar deineadh de thafant ort: iongtas seadh é cé nár cheart gurbh eadh. Is láidir connus a sheasuigheann airgead do ar a gcaitheann sé: nuair mhachtnófá air chuirfeadh iongadh ort. Rinne sé rún láidir ná labharfadh sé go bráth airís leo: daingean. Siopadóir láidir é sin go bhfuil tighthe a's strus aige: saidhbhir, go maith as. Lá láidir ná mairfeadh aon tsaghas áthraigh ar an bpoll, dar leat: an-gharbh: fiadhain. Is láidir liom ná díolann tú an rud neamhthairbheach san: is ait liom: is iongadh liom. Má chuirir rómhat go láidir é gheóbhair an aisce atá uait: má théighir 'n-a threó go misneamhail. Nuair bhí sé in aoirde a láin bhí sé chómh láidir le capall (taobh an fhalla, tarbh, etc.). "Ní raibh aon chathair amháin ró-láidir dúinn" (Deut. II. 36): dothógtha. "D'éigh sé go láidir de ghuth árd ghá rádh, do thuit, do thuit an Bhaibileóin mhór, etc." (Taisb. XVIII. 2): go foirtil: bríoghmhar. Tugadh fínéacht an-láidir im choinnibh .i. a raghadh 'n-a luighe ar an aigne. Ag déanamh lámh láidir ar bhochtaibh: ag déanamh éigin ortha: ghá gcoimeád fé chois. Dá mbeinn láidir mo dhóthain cheannóchainn an fheirm sin: airgeadamhail go leór. "Acht

is don lucht a thigh chun aoise a fhóghnas an biadh láidir etc." (Eabhraigh V. 14): scabhárdach. Ní bheinn ró-láidir ar cad dubhairt sé, tá an aimsir rófhada: níor mhaith liom a rádh go dearbhtha. Is treise dúthchas 'ná oileamhaint: is fearr an rud a bhíos sa mhianach 'ná aon rud do múintear do dhuine. An té ná fuil láidir ní fuláir do bheith glic .i. an té ná bíonn acfuinn cuirp a dhóthain ann ní mór do a thriall do bheith ar chleas. Tír láidir ar muir a's ar talamh: cómhachtach .i. arm a's cabhlach tréan. A Dhia láidir! cad dhéanfad anois?: a Dhia chómhachtaigh, thruaighmhéiligh. Ná bí chómh láidir as do bhéal, maoluigh an teanga: borb. Capall láidir as a bhéal .i. gur deacair é do smachtughadh lé béalbhaigh.

laidneóir: *f.3.* scoláire Laidne.

láidreacht: *b.3.* neart, fuinneamh. Lé láidreacht an fhir ní bhfaighfí fear a leagfadh é: neart mór. Chuir an biadh san breis láidreachta ionam: breis nirt. Lé láidreacht na gaoithe séideadh an ceann den dtigh: fuinneamh a's neart. Níor mhaith liom dul ar iontaoibh an chláir, níl láidreacht a dhóthain ann: fulang. Ag dul i láidreacht atá an oidhche: ag dul i bhfiadhantas. Dá mbeadh a thuilleadh láidireachta sa droichead d'iomcharóchadh sé ualaighe dá thruime: breis dusa nó cómhacht fuilngthe. Ní hé méid ach láidreacht na dighe a tháinig: neart mearbhaill. Cuir uisce ann a's bainfidh sé an láidreacht as: an bhreis nirt atá ann.

laidhricín: *b.4.* an lúidín. Laidhricínidhe ar fad atá air: méireannta beaga.

láidrighim: *b.a. 7 n-a.* neartuighim, beódhuighim, spionnaim. Síd é an t-aer folláin a laidreóchaidh thu tréis na cathrach: a chuirfidh spionnadh na sláinte ionat. An ghaoth, is í is feárr a láidrigheas an fharraige: a néas garbh, borrtha í. Má tá sé cáitineamhail féin láidreóchaidh sé leis an aois: tiocfaidh a shláinte a's a neart dho. Ar an suathadh ceart do thabhairt don gcorp go tráthamhail, laetheamhail láidrigheann sé é: neartuigheann. Láidreóchaidh an braon de chaifí the sin thu tréis fhuachta na hoidhche: músclóchaidh sé teas cuirp ionat.

laifís: *b.2.* féile, flaitheamhlacht, raidhse, flúirse, sconnabheartacht. An laifís i gcómhnaidhe ná feadair an fear bocht ná gur bheag leis a thabharfadh uaidh: an fhéile gan chuimse. Ní mór den laifís ar a láimh, gaibheann sé tríd scaramhaint lé cianóig: féile: tréith nádúrtha na tabhartha gan súil lé breith. Is mór í do laifís dos na bochtaibh agus is mór é do mheas i láthair Dé: riar do choda. Seachain nó leónfaidh an laifís do lámh! (searbhas): níl aon bhaoghal go mbochtnóchair tú féin lé rabairne. An laifís bhídh a's dighe a's chórach ar gach slighe do fuaireamair cómhartha an chroidhe mhóir: flúirse a's rabairne riartha.

laifíseach: (**laimhthighiseach**) *a.* árdfhlaitheamhail; fialbheartach; sconnabheartach. Thug sé céad míle púnt d'ósbuidéal agus ní hí sin an t-aon bheart amháin laifíseach a rinne sé: fial-rabairneach. Biadh a's deoch ar an mbainis úd go laifíseach gan easbhaidh uireasa ar aonne: go flúirseach dhá riar: gan doicheall: siar síos. Níl aon bhaoghal ná gur laifíseach a thugais uait é (searbhas): go lánsprionnlaithe. Cuireann sé iongadh mo chroidhe orm duine chómh laifíseach leis dot eiteach: duine an-fhial, neamhghortach. Ná

bí chómh laifíseach fé n-a riar nó ní shroichfidh sé tímcheall: rabairneach, raidhseamhail. Mo cheol do lámh laifíseach is léi ná gaibheann an ghainne: lámh fhlúirseach, rabairneach. Sin mar bhíonn ag an té a bhíos ró-laifíseach tagann an lá go mbíonn ceal air: róbhog ag bronnadh a choda. Bhí muinntir an cheanntair go laifíseach don mbailiúchán: thugadar uatha go fial, fairsing.

laifíseacht: *b.3.* uaisleacht tabhartha; rófhéile. Laifíseacht a ainm: croidhe mór chun tabhartha. Creid me leis nách lé n-a laifíseacht do thugann san aonnidh uaidh .i. bíonn bun éigin eile aige leis. Bíodh laifíseacht ar do láimh, féach an chuidín a gheibhim .i. cuir breis chugham. Laifíseacht aiscidhe a cháil riamh .i. ag riar go sconnabheartach.

láighche: *b.4.* míonlacht, míne, soilbhreacht, milisbhriathracht, síbhialtacht. "Lé linn claoidhte an Ghearmánaigh", ars an Sasanach, "láighche is ainm do", agus is muinnteardha bhíonn sé, lé linn a bhuaidhte diabhal ceart é!": miochaireacht, síbhialtacht a's míne a's deaghmhaitheasacht. Aon phioc láighche níl ag baint leis linn san oifig, sclaimh a's glam abhfus a's thall ar a luighead cúise: síbhialtacht: gan é milis i mbriathar ná caoin i ngníomh. Thuitfeadh aonne i ngrádh lé n-a láighche: a míne: a hiomchar séimh, muinnteardha. Tá láighche an domhain i mbraon dighe ach ciall do chaitheamh leis: baintear mórchuid suilt as. Tiocfaidh san chun láighche fós dá mhéid stráin atá air: chun mínighthe: séimhe. Bháidhfeadh sé le láighche thu, tá sé chómh milis sin: míonlacht .i. bheadh sé leachta anuas ort.

láighcheacht: *b.3.* síbhialtacht, cúirtéis, ceannsacht, séimhe iomchair; míonlacht milisbhriathracht. Tá an iomad láighcheachta ag baint leis chun é bheith i ndáiríribh: iomad teasbántais a mhuinnteardhais. Lé n-a láighcheacht bíonn cion ag gach neach uirthe: síbhialtacht: séimhe cainnte agus gnímh. Tá muinntir na hÉireann áitrighthe i dtaobh a láighcheachta le daoinibh iasachta i ndéanamh aonnidh 'n-a gcumas dóibh: cúirtéis: féicheamhantachta chun maitheasa ó dhúthchas. Choidhche ní dhearmhadfad a láighcheacht a bhí an bhanaltra liom nuair bhíos fé n-a cúram, an uile thráth a theastóchadh sí im fhochair 'san focal maith i gcómhnaidhe aice: cneastacht.

láighceamhail: *a.* cneasta, mín, séimh, síbhialta. Oireann sé do leanbhaidhibh do bheith láighceamhail leó nuair bhíd an-óg chun sástacht aigne do chur ortha: séimh: go caoin i mbriathar 'si ngníomh. Bíonn sí neamh-láighceamhail lé n-a clainn, sclaimh a's buile aice ortha: neamhchneasta: neamhthláith: gan tuigsint nádurdha aice dá mothálaibh. Fear neamh-láighceamhail é ná feaca riamh i bhfonn puinn coidrimh do dhéanamh lé haonne: neamhshéimh: neamhmuinnteardha. Bí níos láighceamhla leis a's gheóbhair aonnidh uaidh: níos síbhialta: milischainnteach.

láighcín: *b.4.* duine lán-phlámasach, duine, go mórmhór leanbh, a bhíos lághach nó an-mhuinnteardha. "Mo láighcín thu" (é sin, í sin) lé leanbh gur mhian leat bheith mór, "reamhar" leis. Nách í an láighcín í nuair bhíonn a súil lé pingin .i. a bheadh ag dul tríot isteach: ag brughadh muinnteardhais ar dhuine. Sé a bhfuil de mhaith ionat a bhfuil de chainnt agat, a láighcín: .i. tá an teanga go bog a's go milis agat.

láighchínteacht: *b.3.* plámás, tláithínteacht, caoineacht, muirneacht, slíogadh. Bí ag láighchínteacht leis an leanbh a's ní bheidh eagla aige rómhat: tláithínteacht: ag déanamh muinnteardhais go cneasta leis. Cad is bun leis an láighchínteacht neamhghnáth so anois, ní fheadar?: riamh roime seo ní feacthas chómh cneasta milislabhartha sinn: a chuimilt bhaise a's an tséimhe. Ar an am go mbeadh san ag láighchínteacht leat bheadh sé ag dul id phócaidhibh an bitheamhnach: ag dul isteach tríot ag dúmas muinnteardhais a's ceana. Teanga na láighchínteachta, seachain í, ní dual í dílis: teanga an mholta a's na mílseachta. Coileáinín ceanamhail a chaithfeadh an lá ag láighchínteacht ort: ghá chuimilt féin a's ag lútáil ort. Dá mhéid láighchínteachta do rinneas léi thug sí a cúl dom: dá mhéid bhíos im "chodaibh beaga" tímcheall uirthe.

laige: *b.4.* fainne, ceal nirt, taom, treighid, fanntais, anbhfainn, ceal brighe, tréitheacht. Táim i laigidhibh lé hocras: ar tí taom do theacht orm a's mé do thuiteam im phleist gan chor asam. Ní mór ná gur chuireas laige dhíom leis an scannradh a tháinig orm: ná gur thuiteas i gceann mo chos: gur thréig mo neart me. Ní fiú bheith ghá gcothughadh ar a laige táid: a shaoire luach do gheibhtear ortha. Ná tagadh aon laige croidhe ort, níl aon deallramh báis ort: ceal misnigh. Laige goile atá ag teacht leis go bhfuil an dath gránda mílítheach san air: gan díleaghadh maith do bheith aige. An té a íosfadh an fheóil cabhruighthe sin ní bheadh aon laige spiride air: ceal misnigh tabhairt fé rud. Trí huaire chuaidh sí i laige, cheap gach aonne go raibh sí bailighthe léi: ionsaidhe obann go dteipeann an neart a's go leanann díth chuimhne go minic é. Brostuighimís, tá an solas ag dul i laige, is geairrid bheidh radharc ar aon talamh againn: ag dul in ísle: ag tréigean: ag dul i ndoiléire. Ní lé laige na talmhan ná bíonn cruithneacht níos fearr againn ach lé laige na gréine: ceal saidhbhreachta – ceal teasa cirt. Níl an bórd san réidh ar fad tá laige 'n-a lár: lag: é íseal 'e bhreis ar an gcuid eile dhe. Laige an té ná taithnigheann liom: é bheith fé bhun an nirt gur fiú é d'ól. Ar laige thaoide ghluaiseamair: nuair bhí cuid mhór de tráighte. Cuirtear fios ar an sagart chuige, ní fada théarnóchaidh sé, tá sé ag dul chun laige: ag dul chun deiridh: ag druideam leis an mbás. Tá an oidhche (lá, iasc etc.) ag dul chun laige .i. pé rud a bhí ar siubhal tá maolughadh dulta. Ghaibh an laige lastuas díom a's chaitheas stad: ceal nirt trí ocras nó iomad duaidh. Is mairg a luigheas ar an laige: ní ceart bheith dian ar an té (an dream) ná fuil fulang aige (aca) air.

laigeacht: *b.3.* laige, fainne. Laigeacht na hóige atá ag teacht leis, déanfaidh san fear maith fós: an neart ná tagann roim an am is nádúrdha dho. Aon rud ní fhéadfainn d'iomchar lé laigeacht mo dhroma: aiste a neart dual do bheith caillte aige. Ins an áit gur phleannc an t-áthrach an bád beidh laigeacht choidhche ann .i. ní bheidh in ao'chor chómh láidir a's do bhí ar dtúis. Laigeacht an airm a tháinig linn: gan ár ndóthain fear do bheith againn. Is ar laigeacht na rotha, is baoghalach, ná hiomcharóchaidh an t-ualach .i. tá sí ar an dtaobh lag.

laighead: (**luighead**) *f. n-dh.* neamh-iomadamhlacht; mine, teirce. Ar a laighead ainmhidhthe do bhí ar an margadh nách beag an luach a bhí ortha: nuair thógfá isteach an beagán: a theirce do bhíodar. Féach a laighead atá aige!: an beagán beag seachas mar budh cheart do, nó go mbeadh súil agat lé n-a bheith. Ní fuláir ná raibh sé rócharadamhail a's a laighead a lean é: an líon beag daoine. Dá laighead a dhéanfadh duine ar sclábhaidheacht b'fhearr dho é 'ná bheith díomhaoin: d'aindeóin an bheagáin etc. Tabhair

púnt ar a laighead, tá sé róthuillte agam: mar seo nó mar siúd: ar chuma ar bith: ar an gcuid is lugha. Is cuma liom cé bheidh nó ná beidh ann bead féin ann ar a laighead: ach go háirighthe. Ar a laighead talmhan atá agam-sa níl ann ach maireachtaint bhocht: maidir leis etc. Dá laighead a bhíonn ag duine féin is fearr dho 'ná dá mhéid bhíonn ag duine eile: mar seo nó mar siúd. Dá laighead moille a dheineas ag baint an dorais amach bhí beartha orm: gidh gur róbheag í. Dá laighead cainnte bheidh agat seadh is fearr dhuit é mar beifear ag faire ar gach nidh adeirir: an beagáinín is lugha riamh. Ní ghlacfí uaim í lé n-a laighead: a thruaillightheacht: a bhige. Ní dheárna sí a laighead rinnce riamh a's rinne sí anocht: oiread chómh beag: oiridín. Bí buidheach a's a laighead díoghbhála deineadh duit a's an tuiteam do fuairis: an fiorbheagán díoghbhála. Cad dob fhéidir liom do dhéanamh ar a laighead eaga do fuaireas: eaga róbheag don rud a bhí rómham. Níl eaga dá laighead agam anois chun éisteachta gearánta seanbhan: aon rian eaga in ao'chor. Téigheann laighead ar an rud go mbítear ag síorthógaint as a's gan faic dhá chur ann: imthigheann an méid nó an toirt as. Tá sé ag dul i laighead leis an aos: an taidhbhse 'san toirt ag feódhadh. Nár thagaidh aon laighead choidhche ort, is maith agus is lán-mhaith an bheart í sin déanta agat: neartughadh leat!: dísciughadh nirt ná maoine nár thagaidh ort. "Ar chualais faic 'n-a thaobh súd?" – "a laighead": aon rian in ao'chor. Ar a laighead earraidheachta a bhainfinn-se as anois ní mór liom duit é agus fáilte mhór: maidir leis etc.

laigidheacht: *b.3.* maolughadh nirt, claoine le laige (ach ní laige i gceart é). Táim ar céalacan ó indé a's tá laigidheacht ocrais orm .i. 'e cheal bídh táim tréith. Ón mbóthar fada tháinig laigidheacht orm: chuaidh mo neart ar gcúl. Pioc laigidheachta níl orm-sa tabhairt fé .i. aon cheal misnigh. Cuireann cainnt gan deallramh laigidheacht orm: tuirsigheann sí me: bím bailighthe dhi. Tiocfaidh laigidheacht sa mhaide rámha má snoightear a thuilleadh é: laige dá dheascaibh. Is minic do thagann laigidheacht orm a's ní féidir leis an ndochtúir a dhéanamh amach cad fáth: trághadh ar mo neart. Ná bíodh aon eagla oraibh im thaobh, níl aon laigidheacht fós orm: aon dul ar gcúl.

láimhdheachas: (**láimheachas**) *f.1.* gabhan, cosc, láimhseáil, greamughadh. Mara gcuirir uait do chuid láimhdheachais orm-sa ní fhoidhneóchad leat: láimhseáil: greamughadh: suaineáil. Cad bhí lé déanamh agam a's me i láimhdheachas seisear fear, fiafruighim díot: gabhtha aca. Ní dhéanfaidh sé a thuilleadh bárthain díbh anois tá sé ar láimhdheachas maith – i bpríosún!: i ngabhan: fé choimeád.

láimhín: *b.4.* lámh bheag, lámh chrapuighthe nó mheathluighthe. "An bhfuil aithne agat ar "láimhín" .i. leasainm ar dhuine go mbíonn a lithéid aige. Ní fear in ao'chor tú, ná cuma an fhir ort, láimhínidhe gan oiread báirnigh ort: lámha beaga, truaillighthe.

láimhíneach: *f.1.* duine a bhaineas áis as a lámhaibh i nganfhiosaidheacht nó in imirt mhícheart. Rugas ort, a láimhínigh, ag cúbláil na gcártaidhe chughat. Féach! an láimhíneach mar thógann sé an liathróid den dtalamh. Ní bheadh aon ghnóth agat an láimhíneach sin d'fhágaint tímcheall an tighe gan do shúil do chongbháil air ní fheadraís cá sáidhfeadh sé a mhéireannta: duine a dhéanfadh fogha do thabhairt.

laimhne: *uimh. iol.* clúdach leathair, olna, síoda etc. dos na lámhaibh a's dos na méireanntaibh. "Laimhne na marbh": na mitínidhe a cuirtear ar chorpán. Feighre laimhne bhaineas díom leath-laimhne: ceann aca.

láimhseáil: *b.3.* na lámha do chur ag gabháil d'aon rud; breith a's greamughadh leis na lámhaibh, teangbháil; braithstint; baint, ladhráil. Ná bí ghom láimhseáil nó cuirfir olc orm, tóg uaim tu féin: ag breith orm: ghom shuaineáil leis na lámhaibh. Ar ar láimhseáil sé d'airgead budh cheart do cruach de do bheith aige: ar ar ghaibh trí n-a lámhaibh. Ar theacht ar an láthair dom do bhíodar ag láimhseáil a chéile go fíochmhar, bhíodar ag stracadh a's ag sáthadh a chéile: a ngéaga go fuadrach aca ag suaineáil a chéile. Aon láimhseáil ní bheidh agam sa bhfear san, níl aon iontaoibh agam as: aon bhaint ní bheidh agam leis. Dá bhfaigheadh an t-ím an láimhseáil cheart ní bheadh blas leamh air: an ionnramháil. Leig do féinig anois, tá sé ó láimhseáil, aon rud ní dhéanfadh maitheasa do: thar fóir ionnramhála. Sin clog ná fuil lé láimhseáil ag aonne ach aige féin, tá sé chómh cáiréiseach san 'n-a thaobh: baint leis ar aon chuma. Bíonn láimhseáil gach aonne ann: gach aonne a thagas treasna air ní fuláir leis teangbháil éigin do bheith aige leis. Nách tu féar na láimhseála agam ná leigfeadh dos na leabharthaibh sin: duine nách fuláir leis gan bheith ag útamáil leis gach nidh a thagas 'n-a threó. Díreach agus é ag láimhseáil an ghunna sceinn piléar: é ag déanamh ruda éigin leis. Bhíos ar tí an airgid do láimhseáil chuige nuair sciobadh as mo láimh é: a shíneadh chuige. An uile lá chídhfeá é ar an gcaladh ag láimhseáil leabhar: ag breith ortha a's ghá scrúdughadh. Is maith, tairbheach an láimhseáil é: an rud (duine etc.) lé gabháil a's do choimeád.

láimhsighim: (**láimhseálaim**) *b.a.* teangbhálaim lém lámhaibh, ladhrálaim, bainim lé, ionnramhálaim, brathaim lém lámhaibh; greamuighim, beirim isteach ar. Láimhsigheadar a chéile laistíos a's lastuas: rugadar go dlúth ar a chéile in iomrascáil. Láimhseáil go haicillidhe cochal an lampa, tá sé an-leocháileach: oibrigh do lámha go réidh air. Láimhseáil é, cad é an t-eagla atá agat roimis?: beir léd ghéagaibh air: oibrigh do lámha air. Láimhsigh an gunna san go haireach, rud conntabharthach seadh é: pé baint lámh a bheas agat leis, seachain! Cé láimhseóchaidh an t-airgead?: cé hé go bhfágfar ar iontaoibh é do choimeád? Cár láimhseáladh an bitheamhnach?: cár deineadh bráighe de? Láimhseóchaidh sé seo an obair mar is ceart: raghaidh sé i mbun a déanta. Go dtí so níor láimhseálas riamh scian a's forc: níor bhaineas aon earraidheachta asta. Ar na feádhannaibh atá fé láimhseochaidh an diabhal fós é, go saoraidh Dia sinn: greamóchaidh sé é. Láimhsigh do mhaididhe i gceart: rámhaidh i gceart leó. Láimhsigh me nó tuitfead!: beir orm! "Ná bain leis; ná blais; ná láimhsigh" (Col. II. 21): ná cuir do lámha air. Láimhsigh! beir air (ag caitheamh ruda chun duine). Láimhsigheas cuid mhaith lém linn: ghaibh cuid mhór airgid tríom lámhaibh.

láimhsighthe: *a.r.* gabhtha, beartha ar, ionsaidhthe, greamughthe. Tá sé láimhsighthe ges na gárdaidhe ó airéir: gabhtha: 'n-a bhráighe. An rabhais láimhsighthe aca sar ar sáthadh thu: ionsaidhthe. An bhfuil an liathróid láimhsighthe fós aige?: ar ghreamuigh sé fós í? Is iomdha pingin airgid láimhsighthe riamh aige: gabhtha trí n-a lámhaibh aige. Tá an téad láimhsighthe agam, scaoil uait: tá beartha agam uirthe: í greamughthe agam.

láimhsiughadh: *f.* (*-uighthe*) breith leis na lámhaibh; útamáil lámh; greamughadh; lútáil lámh; gabháil; teangbháil; braithstint; motháilt; ladhráil. “Bhí sé ar a chroidhe díchill”, ar sise, “d’iarraidh me do láimhsiughadh”: d’iarraidh beartha orm. Leanann cathughadh láimhsiughadh airgid, is deacair fanacht uaidh: riar: ghá thógaint a’s ghá thabhairt amach. An dóigh leat go bhféadfá é do láimhsiughadh?: dul chun coimheascair leis. Rud róleóchaileach seadh craolachán chun gan láimhsiughadh aireach do thabhairt do: ionnramháil. Chaith sí seal ag láimhsiughadh an éadaigh d’fhéachaint an raibh sé fighte go maith sar ar cheannuigh sí é: ghá bhraithstint fé n-a méaraibh. Seo chuige airís thu leis an láimhsiughadh ghránda chéadna ar an arán: útamáil. Cad é an láimhsiughadh atá agat ar na leabharthaibh sin?: ná tógfá go réidh iad?: lútáil lámh. Fuaireas láimhsiughadh an anama uatha: suathadh agus suaineáil nár bheag liom: oiread a’s d’fhéadas d’fhulang. Ná bain leis an inneall san muna fios duit connus é do láimhsiughadh?: an rud is ceart do dhéanamh leis do dhéanamh: a ionnramháil: a oibriughadh. Níl aon láimhsiughadh díoghbhálach fachta aige: aon bhaint déanta leis gur misdide é. Tamall maith ag láimhsiughadh mo choise don ndochtúir sara bhfuair sé amach cad é an saghas briste a bhí uirthe: ag braithstint ’sag mothláilt fé n-a mhéireannaibh. Nuair caitheadh ceann na téide chugham theip orm í do láimhsiughadh mar bhí sí róghearra: do ghreamughadh: breith uirthe. Ní raibh aon chao aige air gan é féin do ghearradh leis an sciain, chaithfeadh sé a bheag ’sa mhór do láimhsiughadh: a bhrath ’sa ladhráil. Sid é fear láimhsighthe na dtuicéad: an té gurb é a chúram do bheith ’n-a mbun. Bhíodar ghá láimhsiughadh go gránda nuair tháinig cabhair air: ghá thuargaint go corpardha. Ar linn dos na Gárdaidhe bheith dá láimhsiughadh d’éaluigh sé uatha: dhá ghabháil ’n-a bhráighe. Níl sé chómh furaiste in ao’chor agus thaidhbhsigheann sé an fear san do láimhsiughadh: dul chun greamuighthe ann. Lucht láimhsighthe muc ag dul i gcómhairle leis an Aire i dtaobh a luacha: iad so a bhíos ghá ndíol a’s ghá gceannach.

láimhtheach: *a.* cliste leis na lámhaibh, éascaidh. Ní leómhann an gnóth so liobarnaighe ná moille, bí luath, láimhtheach: mear, tapaidh, eólgaiseach. Fear an-láimhtheach seadh é tímcheall dhairithe a’s dhubhán: i ndán iad d’ionnramháil gan a leigeant in achrann.

laincide: (**laighncide**) *f.4.* ceangal ainmhidhe ceathairchosaigh ar dhá chois ó aon taobh amháin; cuibhreach; coimeád. “Nár chaithidh an mhuc an laincide”, deirtear lé duine a bhíos gléasta go scléipeach a’s gan taithighe aige air. Bailigh leat uainn! cé atá ghod chongbháil? níl aon laincide annso ort: ceangal: cuibhreach, coimeád. Mara mbeadh an laincide atá ge n-a mhnaoi fé chaithfeadh sé bannc (airgid): an cosc a’s an staonadh a néas sí air. Chuir an saoghal ’san aimsir laincide fé .i. nuair bhí deireadh caithte aige b’éigean do stad. Is rómhaith an laincide atá fúm – ceal airgid: gan é ní féidir liom na rudaidhe atá uaim do dhéanamh.

laincis: (**laighincis**) *b.2.* ceangal ar chois amháin ainmhidhe ceathairchosach chun baint dá shiubhal; cosc. Cé chuir laincis ar earball muice riamh? .i. rud do cheangal san áit mhícheart. Tá cead cos a’s cinn aige sa tigh seo, níl laincis ag aonne air .i. níl aonne ag cur cosca lé n-a ghnóthaidhibh.

láine: *b.4.* ar aiste bheith lán; an méid a raghadh in árus, leórdhóthain; flúirse; borradh, séideadh. Ar an speachadghail atá ar an ainmhidhe sin, déarfainn gur láine (builg) atá ag

teacht leis: míoshástacht toisc iomad do bheith ithte aige. Aon cheal slighe níl ar mhuilchirtidhibh do chasóige, mara bhfuil láine ionta: flúirse éadaigh 'n-a ndéanamh. D'ólfadh an craosaire sin láine soithigh sara mbeadh aon rian air: oiread dighe a's raigheadh ann. Ní maith an cómhartha air an láine sin tímcheall a shúl: séideadh: borradh. Sin é láine a chuid reatha anois .i. ní fhéadfadh gluaiseacht níos mire. Nuair bheidh láine na haimsire istigh gheobhair a bhfuil ag dul chughat: an aimsir gur b'é do cheart é d'fhagháil tagaithe.

lainsín: (**lainnsín**) *f.4.* lannsa beag, scian bheag. Cos rothrom sa sciain agus lainsín: an chuid di a ghearras. Sín chugham an lainsín: an sciainín: úirlis bheag ghearrtha a bhíos ag dochtúir nó láimhliagh.

láir: *b.5.* capall baineann, asail, etc. "An láir bhán" .i. an bhréaghóg i bhfeirm cinn a's cuirp capaill a bhíos dhá iomchar ag fear, a cheann sa ghuailne, lá an dreoilín. Anoir dtuaidh do thiocfaidh an ghaoth tá ceann na "Lárach Báine" sa treó san: an tsíog mhór leathan réilteanach a shíneas treasna na spéarach. "Tá an "Láir Bhán" ag dul ar scáth na copóige a's an chopóg ag teicheadh uaithe" .i. an ghealach ag lonnradh ar an gcopóig a's scáth na copóige ag aistriughadh. Láir mhná: bean gharbh, chnámhach (focal neamhmhiochair). Láir sheang nó cairriún teann .i. caol, seolta, an déanamh budh cheart do bheith uirthe. Ní fios ceaca is searrach na deaghlárach .i. budh dhóigh leat ortha, an tslighe atáid ag moladh a sinnsear, gur bh'iongtach iad a dtreabhachaisidhe. Tosach staile nó deire lárach .i. is annsan is treise iad.

láirg: (**láirc**) *b.2.* cómhnasc an ghabhail. Cnámh do láirge go mbristear!: cnámh do ghabhail.

láir-mheádhon: fíor-lár, corp-lár. I láir-mheádhon na páirce, na hoidhche, etc.

lais: *b.2.* iall láidir fhighte; an chuid den lasc lé n-a mbuailtear; smacht cruaidh. Má tá aon fhear bhocht fé lais ge n-a mhnaoi is é é, cor dá bhuaraigh ní fhéadfadh sé do chur: fé ghall-smacht aice. Táim fé lais ag lucht fiach de ló a's d'oidhche, árduighid mo chuid uaim gan mo chead: fé n-a gcómhacht. "Dein é seo" a's "dein é siúd", ní bheinn-se fé lais feasta agat, dein féin é!: fé chuing: féd mhursantacht. Ar a thoil féin atá sé, cead luighe a's éirghe aige gan é fé lais ag aonne: ar chur aonne.

laiste: *f.4.* claibín, greamughadh dorais nó fuinneóige. Fág ar an laiste an doras .i. ná cuir an glas air .i. ar shlighe gur féidir é d'oscailt ón dtaobh amuigh nó istigh gan eochair.

lathach: *b.2.* guta, salachar bóthair, casáin, etc., draoib, pluda, slab, láib, etc. Tá sé 'n-a lá lathaighe .i. oiread báistighe déanta aige go bhfuil uachtar na talmhan bog, salach. Cuireadh an oiread san scannraidh air ná raibh a dhath ar luaith ná ar lathaigh .i. is deacair a ndath d'ainmniughadh lé mílítheacht, mar an gcéadna gen té go gcuirtear an anamhóin cheart air. Náire chughat bheith id mhaidrín lathaighe ag aonne: ag déanamh do dhuine pé rud pé am budh mhian leis. Focal amadáin nó dealg lathaighe (láibe) .i. bíd an-ghéar: an dealg a thógfá i lathaigh téigheann i bhfad isteach. Bróga sa chliabhán, ladhar sa lathaigh: sóghaltaisidhe um óige bochtanacht sa tseanaois .i. gach aon rud dá

fheabhas um óige uireasbhaidh a's fulang i ndeireadh aoise. Cad budh dhual do do dhéanamh ná d'aonne d'éirigh as an lathaigh: aonne ná bíonn folaidheacht ann a's a éirigheas chun saidhbhris ón mbochtanacht. Is minic sin sa lathaigh me aca ag cur síos orm: do thabhairt droichmheasa a's drochcháile orm. Is minic tógtha as an lathaigh é .i. é leagtha fé chosaibh na ndaoine lé meisce. Ní raighead 'n-a gcuideachtain in ao'chor, fanfad as an lathaigh faid fhéadfad: ó chómhluadar daoine nách fiú.

laitheamhail: *a.* salach. Bóthar laitheamhail .i. go mbeadh lathaigh bhog ann.

láithreach: *b.2.* an fód, láthair, log, rian fothraighe, ball. Díreach a's iad ag déanamh an mhargaidh thánag ar an láithrigh a's chuala an socrughadh: ar fhód nó ball na cainnte. Ní fuláir nó is tréis na láithrighe d'fhágaint dómh-sa thárlaidh sé, mar ní raibh pioc i gceist de faid agus bhíos-sa ann: na háite. Na cianta fada ó tógadh é, ná fuil ann ach an láithreach anois: rianán des na fallaidhibh. Is beag a bhí láithreach ag an léigheacht: ins an áit marar tugadh í .i. i radharc nó i gclos. Caithfir bheith láithreach neachtreacha ní déanfair faic ar an dtaobh thiar ded dhrom .i. gan bheith ar iarraidh: san áit go mbeidh tu ag teastáil. Tair liom láithreach, dein dá luighead moille a's beir déidheannach: gan aon mhoill: ar an mball. Lom láithreach d'imthigh sé a luaithe a's bhí sé réidh: go cruinn díreach ar an nóimint sin. Ná hól an t-uisce láithreach san, ní maith é nuair ná bíonn rith aige: uisce 'n-a stad. Bead leat anois láithreach (bonn) baill, ní fiú dhuit corruighe: ar an dtoirt: gan ach fíor-bheagáinín moille. Chómh luath a's thángadar i bhfiadhnaise bhuaileadar a chéile láithreach: lom díreach. Dá mhéid airgid do dheineann sé caitheann sé láithreach é .i. mar dheineann sé é gan aon choigilt air. An bheatha láithreach níl sí róshubháilceach aige: an saoghal so. Biadh an-láidir é sin, dhéanfadh sé breóidhte láithreach duine .i. an túisce agus íosfí é. Scallaidhe troma gaoithe a's ceathanna láithreach 'n-a ndiaidh: ar a sálaibh. "Tair!" – "láithreach": anois díreach. Bhí an scéal leathta láithreach: cloiste i ngach áit i bhfíorghiorracht aimsire. Láithreach í sin chun báid .i. áitín bheag.

láithreachán: *f.1.* láthair chun tógála; áit (fén spéir) fé leith do rud éigin. Sin é anois an láithreachán mar a mbíodh na báid ges na seandaoinibh: an láthair. Láithreachán é sin go mbíodh daoine 'n-a gcómhnaidhe ann, nách iad san rian na dtighthe fós: ball: log. Scartaimís an áit a's deinimís láithreachán cruaiche ann: áit chun aduighthe air. Níl ach an teampall féin in iomshláine 'n-a sheasamh, láithreacháin seadh an chuid eile: fothracha síos go talamh. Chuirfeadh sé iongadh ort an láithreachán mór nide a bhí gen bhfiolar i mbárr an stacáin: leaba mhór.

láithreán: *f.1.* láthair, áit shocair, reidh, áit fé leith i gcóir buailte, etc. Bíodh an láithreán san síos agaibh chun imeartha, fanaidh amach as an móinfhear: an fhairsinge sin. Tamall síos sa bhfaill tá láithreán ann go bhféadfá síneadh siar ar do chradó dhuit féin: lanntán réidh, socair. Láithreáin chruach iad san: látirheacha nó rianta mar a mbíodh cruacha. An amhlaidh a bheadh fonn oraibh láithreán bruighne do dhéanamh dem thigh-se?: fód catha: é seo do thoghadh chun troda. Láithreán maith chun aon ruda do thabhairt é sin: roinnt bheag íseal, réidh thalmhan.

láithrighim: *b. n-a.* tagaim os cómhair na súl i radharc, i bhfiadhnaise. Mhúchadh sé ar feadh tamaill a's láithrigheadh sé airís: d'imthigheadh as radharc agus thagadh airís. Mar is gnáthach leis, ní fios d'aonne cathain láithreóchaidh súd 'n-ár measc airís: cathain a chídhfear é. Is iomdha san rud a láithrigheann ar an bpáipéar ná bíonn fíor: a bhíos clóidhte air. Láithrigh sé thoir dom: thaidhbhsigh sé thoir.

láithriughadh: *f.* (*-ighthe*) do theacht i radharc. Thug an t-iasc ráithidheachta an lá ag láithriughadh a's múchadh: ag teacht ar barr uisce a's ag dul fé loch. B'fhearrde an dúthaigh gan tú do láithriughadh 'n-a measc in ao'chor: do theacht. Tá ball gránda dearg ag láithriughadh fé bhun a shúl: ag teacht 'sag dul i méid.

lámh: *b.2.* an chuid de ghéig an duine ón righe amach; an greim a bheadh ar arm nó úirlis; "cluas" áruis; iris; trí cinn (uibhe, iasc i gcómhaireamh); an líon cártaidhe a scúightear chun gach cearrbhaigh; baint; oiread agus thógfadh an crobh; treó; smacht; ball d'fhuirinn; scríobhnóireacht; sighiniughadh; biorán (cluig, etc.). "Seo mo lámh duit ná fuilim pósta": dearbhuighim duit ar chrothadh lámh. An dtabharfá do lámh leis: an ndearbhófá leis?: an gcroithfeá lámh air mar thacaidheacht gur fíor é. Cuir do lámh leis an leitir seo: sighnigh, scrígh t'ainm léi. Ní mise a scrígh riamh é sin, ní hí sin mo lámh-sa: mo chuid scríobhnóireachta-sa. Mo dhá ghradhain do lámh, is greanta slachtmhar é do ghnóth: treise leat, is ceárdamhail an duine oibre thu. Lámh Dé, moladh a's buideachais leis, is bun lé gach rud a chuireas iongadh orainn a's ná tuigimíd: cómhacht. Táimíd uile i lámhaibh Dé: fé n-a choimirce. Fágadh coingheallacha an phósta ar lámhaibh atúrnae: 'n-a choimeád. Dathad lámh a bhí ar an luing: dathad fear fóirne. Is breac an lámh do thugais dom, chúig ní bhfaighead leo: lámh (chártaidhe). Fág fé sin connus cártaidhe d'imirt, sean-lámh mar é: duine go bhfuil mórchuid taithighe aige ortha. Iompuigh ar an láimh chlé ag an gcrosaire .i. sa treó san. Bí ar láimh ar eagla go dteastófá a's nách call bheith ghod lorg: in aice. Bhíos ar láimh ón oidhche roime sin gen lucht ceannais: im bhráighe. Coimeád ar láimh an dall, a's treoruigh treasna é: greim láimhe do bheith agat air. Ná buail lámh ná ladhar air, leig do féin: ná bain leis. Fágfaidh súd rian a láimhe oraibh mara scaoileann sibh tharaibh é: goirteóchaidh sé sibh. Ní haon náire dho an clódh atá ar an áit 'n-a dhiaidh níl aon bhaoghal ná go bhfuil rian a láimhe (fágtha) aige air: slacht curtha air. Troid dhian atá eatartha anois, táid lámh ar láimh: in athchomaire buillidhe a chéile. Connus a mhairid a's gan aca ach ón láimh go dtín mbéal: maireachtaint bhocht: gan faic i dtaisce. Druid suas an bád ón uisce a's bíodh sí ar láimh shábhála: áit ná beidh baoghal uirthe. Nách beag an lámh déanta ar an mbiadh agat, priocadh beag circe: fíor-bheagán atá ithte agat. Rinneadar an-lámh airéir (iascach etc.): shaothruigheadar cuid mhór: d'éirigh leó go maith. Ní raibh aon ghnóth agam aon bhaint do bheith agam leis a's thugas druim láimhe leis: d'éirigheas as: scaras lé n-a chómhluadar. Ná himir lámh láidir ar aonne, ní fios cé aige go mbeadh sí fós: neart na huaire do chur i bhfeidhm ar an laige. Ar gach cor as so go maidean bheadh an lámh uachtair aige orm: sháróchadh sé me: bheadh an buaidh aige dem aindeóin. Bí ag brath air sin - ní chorróchadh (thógfadh) san lámh leis: ní dhéanfadh faic. Tá mo bhróga ar lámhaibh ag an ngréasaidhe: curtha dhá dhéanamh chuige. Tabhair lámh chónganta dhom, táim i dteannta: cabhair liom. Tá lámh bheag thoir gen ngaoith a's ní mór é: tá sí ag séideadh beagán as an dtreó san. Ag oibriughadh as láimh a chéile atá na ceannaidhthe sin: táid ag cabhradh lé n-a chéile. A's me ag gabháil an doras amach cuireadh lámh

ionam: do greamuigheadh me. Pé duine a chuir lámh ann is mór an náire dho é: a theangbhaigh leis chun a dhíoghbhála. Cuireadh lámh innte: “cuireadh ó chrích í”. Ní ag machtnamh air do bhí sé, acht é do dhéanamh as láimh: ar an dtoirt. Lean ar do láimh anois ó chuiris chuige, dein é nó lait é, is cuma lé haonne annso: oibrigh leat: ná staon. Ní mór an plúr ar láimh sa tsiopa: tómhas áirighthe i dtaisce lé n-a thabhairt do lucht a cheannuighthe. Níor thug an t-athair faic fé n-a láimh do lé linn báis do: níor fhág lé hudhacht aige: níor chuir peann lé haon phioc dá chuid do bheith aige. Beidh a fhios aige é, nuair bheidh sé fé lámh na ndaoine iasachta .i. ag obair dóibh. An lá do chuadhas fé lámh easbuig .i. an lá a leag an t-easbog a lámh orm go ndearbhóchainn asam féin na geallamhna a thug mo chairdeasaí Críost ar mo shon lá mo bhaiste: gnáthamh nó ceileabhradh riachtanach chun Comaoin Naomhtha do ghlacadh. Má bhír ag gliúcghail im chártaidhe cuirfead do lámh (suas) (i bpaca): cuirfead ó imirt thu. Mise a thug, chughat-sa tháinig breith idir lámha(ibh): ort-sa a chríochnuigh tímcheall na himeartha. T’r’om do lámh: croithimís lámh. Rugadh chun láimhe é dá fhaid bhí ag rith leis: rugadh air: tugadh os chómhair na dlighe é. A leinbh, nuair gheóbhaidh do mháthair chun a láimhe thu nár mhaoidhidh Dia ar do chneas é!: nuair gheibheann sí greim ort. “Ní fheadar ó sheilbh an diabhail”, ars an fear clipighthe “cad é an saghas saoghail é, ní bhfaghaim pingin chun mo láimhe”: aon airgead ní bhíonn agam. Éirightear as an ógánach san, tá sé imthighthe ó láimh ar fad: imthighthe ó smacht. Nuair shaoileas go raibh deireadh liom rugas ar bhlúire adhmaid a chongaibh ar barra (uisce) me, lámh ó Dhia is dócha: cóngamh cruinn. Ambliadhna ní bhfaghair do bhróga ó n-a láimh: ní bheidh déanta aige dhuit. Tá deoch ó láimh mhaith anois agat .i. duine fial. Gaibh de láimh an obair seo a’s ná fág fés na slibireálaidhthibh sin é: cuir rómhat í do dhéanamh. An té a thabharfadh lámh leat budh cheart lámh do thabhairt leis: cabhair. Lámh leis an laige: cabhartar léi. Lámh lé Corcaigh atá Cóbh: in athchomaireacht do. Fan lámh linn: ná fág ár gcuideachta. Tá sé lé maoidheamh aige go bhfuil sé tugtha suas i láimh a’s i léigheann chómh maith a’s tá sa chúigeadh: oilte lé n-a ghéagaibh agus in inchinn. Lámh lé céad púnt do goideadh uaidh .i. isteach ’samach leis. D’fhan púnt airgid láimhe agam tréis m’fhiacha do dhíol: pingnidhe earrasbairr. Is fearr éan sa láimh ’ná dhá éan ar an gcraoibh .i. níl aonnidh mar an rud go bhfuilir deimhnightheach de. Thugas mo lámh a’s m’fhocal do ná tréigfinn choidhche é: thugas geallamhaint dhaingean do. Ar mo láimh a’s ar m’fhocal duit go mbead leat: geallaim go dubhluighthe dhuit é. Cuireadh mo lámh i bpaca mar d’imreas thar láimh: b’éigean dom mo chártaidhe do chaitheamh uaim mar d’imreas roim m’uain. Chaith an bhean a raibh i gcois ’si láimh leis d’iarraidh a shláinte do thabhairt do: do dhealbhuigh sí í féin leis. Is í an lámh a síntear a cáintear: bí chómh laimhthighiseach lé guaire a’s teip aon uair amháin a’s níl aon mhaith ina ndearnais riamh. An bhfuil aon lámh istigh agat san gceannuightheóireacht so?: aon bhaint agat leis chun do thairbhe. Sín lámh chun an leabhair sin, tá sé ag imtheacht ’n-a giobalaibh: deisigh é. Má shíneann súd a lámh chughat ar an olc atá air ní fearrde thu go ceann seachtmhaine é: má bhuaileann thu chun tu do smachtughadh. Ní coigeal i láimh óinsighe peann id láimh-se .i. is tú atá i ndán oibriughadh léi. Bhíos fé láimh dochtúra ar feadh bliadhna: fé n-a chúram. Ná cuir lí-lámh ar aonne go deó go mór-mhór ar an laige: lámh láidir dhíoghbhála. Brostuigh, caith as do láimh é: críochnuigh é: bí réidh leis. Lámh éisc: trí bric. Congaibh i gcúil do láimhe é: i gcúil do dhuirn: coimeád greim maith air. Táim ’n-a láimh aige: táim ar a chur aige: is féidir leis pé áis is maith leis do bhaint asam. Bíonn sé daor ar earraidhibh, ach ar an láimh eile tugann sé cáirde fada uaidh. Briseadh

lámh an chupáin: an chluas: an greim. Lámha na cléibhe: na téadáin a choimeádas ar ghuailnibh duine í. Lámh na scine: an "chos": an áit go mbéarfá uirthe. Ghaibh a raibh aige trí n-a lámhaibh ar nós an uisce: chaith sé a raibh aige go hait. Éadaighe so-láimhe: éadaighe ullamh, déanta oireamhnach lé caitheamh.

lámhach: *f.1.* caitheamh lé harm teine; glór gunnaidhe. Ag lámhach a chéile: ag caitheamh urchar as ghunnaidhibh ar a chéile. Sé an chéad lámhach do dhein sé chómh luath agus chuir sé an tairsing de, dul 'on tseómra: an chéad tsáthadh: an chéad rud do rinne sé. Budh cheart é do lámhach, an cladhaire, sin é budh cheart do dhéanamh leis: é do mharbhadh lé harm teine. "Fir chómhachtacha chun lámhaigh as bogha" (1. Croin. V. 18): chun caithte asta. Lámhach gunnaidhe tréan: pléascadh a's glór na ngunnaidhe.

lámhach: *a.* ag baint leis na lámhaibh. Aimsir an-leathlámhach an fóghmhar d'fheirmeóir: aimsir an-ghnóthach go mbíonn oiread lé déanamh a's gur deacair teacht air dá mhéid cabhrach a bheadh chuige. Fear budh dheas-lámhaighe 'ná é budh dheacair d'fhagháil, dhéanfadh sé saoirseacht, siúinéireacht: ábalta ar mhórán rud ceárdamhail do dhéanamh go slachtmhar. Fág in aice leat é in áit éigin so-lámhach nuair theastóchaidh sé uait ná beidh agat ach breith air: caothamhail. An páirtidhe a bheidh againn nó an dó-lámhach do bhean?: gach aonne ag imirt ar a shon féin. B'aoibhinn leat bheith ag féachaint air ag obair, tá sé chomh luath-lámhach san: mear, tapaidh.

lámhachaidhe: *f.4.* duine a lámhachas. Lámhachaidhe maith é .i. tá urchar cruinn le gunna aige.

lámhachaim: *b.a.* caithim urchair lé harm teine. Lámhachas díreach sa tsúil é: an t-urchar do chaitheas leis bhuail ann é. Lámhach airís: caith airís. Ní lámhachfá capall bán .i. níl crústa (urchar) cruinn agat. Lámhachfadh san thu .i. droichghéag (droichmhianach) é.

lámhachán: (**lámhancán**) *f.1.* ag gluaiseacht ar dheárnachaibh a's ar chosaibh. Tá aithne agam ort ó bhís ag lámhachán .i. ó bhís d'iarraidh siubhal .i. id bhunóic. Bheadh truagh agat do anois, fear chómh láidir leis tamall, a's anois ná fuil ann ach bheith ag lámhachán ge tinneas cnámh: snámhcán: ag cur na coise thar an gcois eile lé haindeise lútha. Ag lámhachán a tháinig sé abhaile, bhí sé chómh goirtighthe sin: go mall, duaibhseamhail. Thánag aníos cois an fhalla ag lámhachán ar eagla me d'fheicsint: ar mo ghlúinibh a's ar mo dheárnachaibh. Bímís ag lámhachán linn ar ár socracht: ag gluaiseacht go mall. Níl an lámhachán féin anois ann: corruighe na coise.

lámhacánaidhe: (**lamhncánaidhe**) *f.4.* duine a ghluaiseas ar dheárnachaibh a's ar ghlúinibh; duine mall, míothapaidh. Lámhacánaidhe capaill atá ann gan sodar gan lúth: capall righin, mall, neamhshlachtmhar ag gluaiseacht. Níl ionat ach lámhacánaidhe ar bhóthar .i. a ghluaiseas go neamhshlachtmhar, neamh-éascaidh. Táim im lámhacánaidhe anuas ar an dtalamh gem chnámhaibh tinne: mairtíneach.

lámhachas: *f.1.* láimhseáil, míonchuardach leis na lámhaibh, baint. Chruthuigheas ná raibh aon lámhachas agam i ngoid an chapaill, a's thánag saor: aon bhaint. Cad é an

lámhachas atá ar mo chuid éadaigh agat? an ag faire ar bheith ag goid ataoi?: láimhseáil: mothaílt leis na méireannaibh. Sa doircheacht thugas seal mór ag lámhachas sar ar aimsigheas na lasáin: ag brath rómham: ag meabhrughadh fém mhéireannaibh. An lámhachas céadna atá ag an mbeirt aca sa tsiopa – leath beartha leath caillte: seilbh, buannacht.

lámhachtain(t): *b.3.* lamháilt, leómhachtaint. Ní fearg go dtí a's mar bhí air gan a lámhachtaint do a thoil do bheith aige: gan a lamháilt do. Ní thabharfainn mar shásamh dom féin a lámhachtaint dom féin airgead do chaitheamh go neamhthairbheach: a leigeant dom féin. Ort-sa atá an locht a's ní har do chlann a lámhachtaint dóibh a slighe féin do bheith aca: a leigeant dóibh: a chead do thabhairt dóibh. Náire mhór dhuit a lámhachtaint it aigne go mbeadh drochaigne ag aonne dhuit gan cruthughadh ceart air: a chothughadh.

lámhaidheacht: *b.3.* páirtidheacht, baint, cuididheacht, baint, toisc, gnóth, cúram. Aon lámhaidheacht níor mhaith liom do bheith agam in aonnidh ná baineann liom: baint leis: cur isteach ná amach. Ar an méid lámhaidheachta a bhí agam-sa ann ní fiú puinn me mar nách mór do dheineas: ar an méid cabhrach do thugas. Cad é an lámhaidheacht atá agat-sa sa tigh seo?: cad é an bhaint atá agat leis nó cad é an cur isteach atá agat ar chúram ná baineann leat. Ní bhíonn aon lámhaidheacht chóir in aon rud gen alfraits: aon rud go sádhann a lámh nó a cheann ann ní fearrde é. Lámhaidheacht bheag atá sa ghnóth agam-sa, níl agam ach an chúigeamhadh cuid: cuididheacht: páirtidheacht. Budh mhaith an bhail ortha an lámhaidheacht do thug sé leó a's iad óg, lag: an chabhair. Ó am go ham chuireadh sé lámhaidheacht chun a sheanbhanaltran: síntiús nó fagháltas mar aisce. Tabhair lámhaidheacht annsan liom, táim ag stroilleamhaint: cabhair, tacaidheacht. Bíodh lámhaidheacht agat linn, tá biadh ár ndóthain go léir annso: bí páirteach linn. Chuir san deireadh le lámhaidheacht i stoc aige nuair chuaidh chun deireadh ionta: stad de bheith ghá gceannach. Dá mbeadh beagán lámhaidheachta thuaidh ag an ngaoith bheadh cóir ar an gcuan .i. í do bheith sínte beagán breise sa treó san.

lamháil(t): *b.3.* leigeant lé, ceadughadh, deónughadh, géilleadh, lacáiste. Is ceart lamháilt don óige mar ná tagann ciall roim aois: géilleadh: gan bheith dian uirthe. Fuair sé lamháilt chúig bpúnt as an seanghluaisteán nuair cheannuigh sé an ceann nuadh: géilleadh: an méid sin 'n-a coinnibh sa mhargadh. Deineann an meaintín lamháilt ar cheasaibh an éadaigh i gcóir fáithimeanna: fágann sí oiread éadaigh lasmuigh den dtómhas, a's raghadh chun a ndéanta. Tóg fairsing é, bí ag lamháilt don gcúinne: ag fágaint oiread slighe idir tu agus é ná beadh baoghal go mbuailfeá air. Aon lamháilt níor deineadh dom chois bhacaigh, baintí an oiread coisidheachta asam a's baintí as an gcuid budh lúthmhaire 'n-ár measc: aon ghéilleadh ná truagh. É do lamháilt thar tairsing annso ní déanfar choidhche airís ar an gclampar do rinne sé an turus déidheannach: a leigeant isteach. An tigh mar bheadh tigh tórraimh - aon tsaghas ghleóidh ní leigfeadh a lamháilt: do cheadughadh: do bheith ann. Bír ródhian, róbheacht ar fad, níl aon lamháilt ionat: bogadh, maolughadh. Táir ag lamháilt don gcruithneacht rófhada, silfidh sí ort: ag leigeant di féin nuair budh chóir do bheith ag gabháil di. Tugadh lamháilt dhá phúnt dom sa chíos: lacáiste. Is rófhada táim ag lamháilt duit, bíodh deireadh agus tosach anois agat focal borb eile do labhairt liom: ag ceadughadh do chuid tarcuisne.

lamhálaim: *b.a. 7 n-a.* leigim do (lé); géillim; ceaduighim; deonuighim; maithim (do). Ní lamhálfadh sé dhuit méar do chur ar aon rud aige, tá sé chómh cáiréiseach san: ní leigfeadh dhuit. Is oth liom ná lamhálfadh mo phóca dhom aon airgead do thabhairt duit .i. ná fuil ar mo chumas. Lamháil do bhacaighe dhuine: géill do: ná bí chómh dian air toisc a bhacaighe. Lamhálfad scilling fén bpúnt duit ar airgead síos ar na hearraidhibh: leagfad é: tabharfad an méid sin lacáiste dhuit ionta. Lamháil don dtaoide, fan os a cionn go maith: áirmhigh it aigne a neart agus a deasca ort. Dá mhéid an meas atá aige air féin ní lamhálfá puinn do in iomrascáil: ní mór breise bheadh aige ort innte. Seo carbad ná lamháltar caitheamh tobac ann: ná ceaduightear: tá cosc air. Ní lamhalfar duit tú féin d'iomchar mar sin: cead do thabhairt duit. Lamhálaim an méid atá ráidhte agat: admhuighim an ceart do bheith agat. Is baoghalach ná lamhálfaidh na rothanna ualach chómh trom leis: ná fuilngeóchaid: go mbrisfid fé. Lamháil an dlighe dhá chéad púnt di as a cos do bhriseadh sa tionóisc: tugadh san mar bhreith éirice dhi. An riabhach baoghal ná gur foidhneach an fear ar a lamhálann sé: a leigeann sé do dheanamh (as an slighe) air. Níor lamháladh an choitchiantacht i láthair na cúirte: níor leigeadh ann iad.

lamhálta: *a.r.* ceaduighthe, aontuighthe. Tighthe tábhairne do bheith ar oscailt roim a deich a chlog ar maidin, níl sé lamhálta: ceaduighthe gen ndlighe. Níl lamhálta d'aonne cuid an duine thall do thógaint in éagcóir: ceaduighthe: ní glactar leis do bheith ceart. Níl lamhálta gen ndochtúir do ach biadhanna áirighthe do chaitheamh: coiscighthe aige air gan ach iad san, ar son a shláinte. Is iomdha rud atá neamh-lamhálta don duine do dhéanamh: ná haontuightear leis.

lamhnán: *f.1.* mála nó sac righin-sheicne i gcorp ainmhidhthe a choinghbhigheas lionn; mála nó sac lán de ghaoith; bolg snámha in iasc; duine borrtha aindeis. Ar imtheacht do dhuine ná taithneochadh leó so go mbeadh n-a gcuideachtain trí iomad cainnte nó a lithéid deirtear go searbh: "nár thagaidh chughainn ach do lamhnán, a's poll annsan féin!" Ní mór go bhfuil cur an bhóthair di innte, tá sí in aon lamhnán amháin!: mór, bog, borrtha, aindeis. Táir id lamhnán ge biadh: atuighthe: borrtha. Bíonn lamhnáin ar théadaibh líonta .i. éadtromáin: saca lán de ghaoith go snámhfaidís. "Lamhnán fuail": duine gan mhaith. Tá ag teacht as an lamhnán: an ghaoth (an t-aer) ag scéidheachtaint as an sac rubair a bhíos istigh i leathar peile nó caide. An nadhbhóg ag imtheacht 'n-a lamhnán ar bharr an uisce .i. gan aon ghreim san uisce aice. Táir chómh teann lé lamhnán tréis do phroinne: lán go maith.

lámhóid: *b.2.* cos a's ceathramha tosaigh coinín nó ghirrfhiaidh. Lé n-a lámhóididhibh do néann an coinín a rapach: a chosa tosaigh a thollas a's a thairngeas amach an ghainimh etc.

lampa: *f.4.* árus a thugas solas lé buaiceas in íle. Lampa solais don ndúthaigh dob eadh é: treóraidhe a chuir na daoine ar an mbealach ceart.

lámhughadh: *f.* (*-ighthe*) do ghiotháil, ionnramháil leis na lámhaibh, do riar, do stiúradh. Chun siopa mór do lámhughadh 'n-a cheart níor mór do dhuine taithighe do bheith aige i riaradh. B'ait liom cad é an lámhughadh a bhí aca dhá dhéanamh orm, ag breith thall

’sabhfus orm a’s ghom shuathadh: ghom ghreamughadh a’s ghom bhrath. Thug cóip na sráide lámhughadh gránda, aithiseach air, níor fhágadar súil ná béal ann: ionnsaidhe suarach corpardha. Mara bhfaghann an coileán leóchaileach san lámhughadh ceart, oireamhnach meathfaidh sé: ionnramháil: aire agus cothughadh ceart. Ní rabhamair riamh sásta leis an slighe a bhíodh Sasana ag lámhughadh na tíre seo: ghá riaghalughadh.

lámhuighim: *b.a.* riaraim, riaghaluighim, ionnramhálaim, stiúraim. Lámhuigh go haicillidhe an rásúr san, tá faobhar nimhe uirthe: láimhsigh: beir id lámhaibh. Choidhche ar an gcuma atá fút ní lámhóchair bád i gceart: ní riarfair: ní stiúrfair. Lámhuigh ar chois é: beir ar chois air. Níor lámhuigheadh riamh lé n-ár dtoil sinn; bhíomair in aghaidh gach dlighe dá ritheadh dúinn: níor riaghaluigheadh. Lámhuigh scata mór aca é a’s ghoirtigheadar é leis: d’ionsaidheadar é. Is caoin cneasta a lámhuigh an bhanaltra an dream goirtighthe: a ionnramháil iad: déanamh mín, cineálta do thabhairt dóibh.

lámhuighthe: *a.r.* gabhtha, greamuighthe, beartha ar. Dá fhaid a thug an sladaidhe leis, tá sé lámhuighthe sa deireadh gen lucht ceannais: greamuighthe: ’n-a bhráighe. An foghmhar ar fad lámhuighthe ges gach aonne - gach aon rud fuighealta, fálta, fuirsighthe: curtha i gcrích. Sara raibh a fhios agam cá rabhas bhíos lámhuighthe ar mhuineál aca: gabhtha: beartha orm. Bí ghá lorg anois, is fadó atá an áit sin lámhuighthe ge duine eile: tógtha: glactha ’n-a sheilbh. Capall fiadhain do-lámhuighthe é: gur deacair é d’ionnramh nó do riar. Seachain an chos san, níl sí so-lámhuighthe: tá sí róthinn: ní furaiste léi láimhseáil d’fhulang.

lán: *a.* oiread a’s do bheadh in árus etc. a’s b’fhéidir leis do choimeád nó d’iomchar; sásta; go leór do bheith (ann); flúirseach, fairsing, an chéim is aoirde i méid, suim, fás, eascar, géire etc. do bheith sroichte. An ré lán .i. í do bheith chómh mór, toirteamhail a’s b’fhéidir do bheith. An taoide lán: éirighthe chómh hárd agus b’fhéidir. A thuilleadh ní fhéadfainn d’itheadh, tá mo bholg lán: oiread bídh ann agus is féidir leis d’iomchar. Caitheadh amach me, bhí na daoine lán díom: dóthanach díom: a ndóthain díom aca. Nách é atá lán de féin, tabhair fé ndeara na gothaidhe neamhdhual atá aige dhá chur air féin: an mustar a’s an meas gan chuimse. Lán go barra de bhitheamhantaidheacht atá an cor-each san, speachfadh sí ar chrapadh na súl thu: níl bitheamhantaidheacht lasmuigh dhi: a thuilleadh níor bh’fhéidir do bheith innte. Mo sheólta lána scaoilte lé gaoith: a ndóthain gaoithe ionta. Pé uair a gheibheann sé tarrac in aisce ar dhigh bíonn sé lán go poll an phaidrín: go béal an ghoile. Lán d’alfraitsidheacht ataoi agus a fhios agam-sa: gan cladhaireacht ar an dtaobh amuigh dhíot. Fear atá lán de ghaisce é sin: fear acfuinneach, misneamhail. Dá mbeinn lán d’airgead ní thabharfainn pingin don liaghairne neamhmaitheasach san: mo dhóthain mór de do bheith agam. Tá sé lán thiar (chun báistighe): trom, dorcha lé scamallaibh. Ná bíodh eagla ort ná go bhfuil slighe agat i gcosaibh do thriubhais, d’fhág an táilliúir lán a ndóthain iad: fairsing, flúirseach. Bhíodar lán de sheódh an oidhche úd: gnaoi an domhain ortha: anshultmhar. Tigh lán de thoirmeasc, fan as .i. gur deacair na cosa do thabhairt ó imreas a’s ó achrann ann. Cíocha breághtha, lána aice: toirteamhail. Stoc dob eadh iad a bhí lán go maith: corp maith téagartha aca. Beidh an tigh lán ó chúil frigh: oiread ann agus is féidir leis do choimeád. “...agus d’oscail an Tighearna súile an ógánaigh agus do chonnairc sé, agus féach do bhí an sliabh lán d’eachaibh agus de charbadaibh tinntighe tímcheall Eilisia fá gcuaird” (2.

Righthe VI. 17): go líonmhar fé. “Tá ár ndúithche mar an gcéadna lán d’airgead a’s d’ór, agus níl críoch lé n-a n-ionmhas etc.” (Iasaih II. 7): mórchuid díobh ann. “...atáim lán d’iodhbarthaibh loisce reithe agus de mhéathas beathach biadhta etc.” (Iasaih I. 11): sáithighthe. Tá sé lán orainn (an taoide) .i. oiread tagtha a’s nár theastuigh uainn. Lán go faobhar, smig, bruach, sceódh, etc. .i. níor bh’fhéidir a thuilleadh do dhul ann. Seadh is dócha go bhfuil lán (an) mhála de scéaltaibh nuadha agat ón mbaile mór: cuid mhór. A Mhuire, atá lán de ghrástaibh: gan teóra leo. Tair lán nó follamh beidh fáilte rómhat .i. rud do bheith agat nó gan do bheith agat. Tabhair dom cárta eile, níl mo lámh lán fós: mo chion ceart cártaidhe fachta agam.

lán: *f.1.* mustar, rómheas. “Is mór (go léir) an lán” ars an seanduine “atá fé aos óg an lae indiu – stocaidhe síoda, toitínidhe, rothair a’s hallaidhe rinnce”: éirghe anáirde. Ní haon chúis láin duit bheith ábalta ar bhuadhachtaint ar thosnuightheóir, tusa go bhfuil taithighe fada na mbliadhan agat: cúis mustair as éacht mhór do bheith déanta agat. Féach an fuadar a’s na gothaidhe nár dhual is mór go léir an lán fé mhac dhuine bhoicht é: tóirtéis gan cur leis. Tá lán an airgid fútha san: an mhórchúis a’s an mustar a leanas é. Bainfear smut den lán de san fós dá mhéid de bhuailim sciath é: bainfear dá chleitidhibh: imtheóchaidh an meas de lé míniughadh. Bean chómh breágh léi bheith pósta aige cuirfidh sé lán aige air féin: mórchúis: brathfaidh sé bheith i bhfad níos tábhachtaighe ’ná cách. Nách beag an lán atá fén bhfear san as a chuid foghluma: ar an imtheacht íseal atá fé níor dhóigh lé duine é do bheith mar sin. Cuir uait an lán a’s déin i gceart é: stad des na geámaidhibh. Ná bíodh aon iongadh ort lán do bheith agam asam féin ar an ngaisce atá déanta agam: meas mór .i. is beag a shaoileas go bhféadfainn a dhéanamh.

lán: *f.1.* oiread agus líonfadh aon rud; an líonadh; toirt; méid; iarracht mhór; coisce; mórán, mórchuid. “Gheóbhair do dhóthain, lán do dhá phóca (ubhla) a’s cúpla póg ón gcailín” .i. oiread agus raghadh ionta. Tá lán do dhá dhóthana caithte agat anois: breis a’s mar is féidir leat d’iomchar gan bheith ag tuiteam. An bhliadhain do saoghluigheadh me bhí an Peáirnéalach in aoirde (a) láin: in árd nirt a chumais poilitidheachta. Nuair bhí an tigh úd in aoirde (a) láin bhí rachmus ann a’s b’fhuraiste déanamh ar an ndoras: lé linn é bheith go cumasach. Ní hé gur buadhadh ar an bhFrainnc bhocht ach buadhadh lán a saic uirthe .i. amach a’s amach. Thug sí lán a béil nuair chonnaic sí sinn le háthas: thug sé mionn mór mar, “th’anam ón diabhal, féach cé atá ag teacht!” Bhaineas lán súl as d’fhéachaint cé a bhí agam: d’fhéachas go cruinn, géar, scrúduightheach air. Bain lán béil as, ní dhéanfaidh sé aon dochar duit: bolgam nó béalóg. Is fada im lán béil me ameasc daoine a’s is beag an nath do chuirim ’n-a ráidhtibh anois: im adhbhar cainnte. Níor lán béil riamh é an lá is fearr dá raibh sé: níor bh’fhiú trácht air. An fada ó bheith ’n-a lán mara é?: barra taoide. Is fearr lán duirn d’fhear ná lán gaid de mhnaoi: feairín a’s bean mhór. Ná bí ag cainnt, a dhuine, ar luach, fuair sé lán a seithidhe (croicinn) (d’airgead) ortha: oiread a’s budh dhóigh leat nár bh’fhiú iad. Ní choingbhigheann aon rud ach a lán: ní féidir ach an áirighthe sin do chur in aonnidh. Gheobhair a bhfuil ag dul duit sa lán-chruinne: é go léir léir. Beidh a lán Éireann daoine ar an Oireachtas: sluaighte. Bheadh a lán Éireann airgid aige dá mbeadh ciall aige: cuid mhór. Bean go bhfuil a lán Éireann céille aice: bean an-fhuaimeantamhail. Éist do bhéal, a chníopaire, tá a lán ort (searbhas): níl oiread a’s gur fiú gearán air. Budh dheacair dúinn troid ná cómhrac do dhéanamh a’s gan ann againn ach lán duirn: líon beag. Tagann fear slán as lán árthaigh .i. níl aon chath

ná go dtagann duine éigin as, mar dubhairt an sionnach go raibh na géadhanna go léir marbh aige. Long fé lántseól, bean ag damhas, nó each ag rás .i. na seólta go léir leathta lé gaoith. Beam fé lántseól go grod: ag obair ar dalladh. Táim ar lán mo dhíchill: ar mo chroidhe díchill. Bíonn lán a chroicinn d'éad air lé haonne a labhrann lé n-a ghrádh: éad mór trom. Tugadh ceangal lae a's lánbhliadhna ar an gcurrachán: bliadhain ar fad. Tá lán an mhála agam, ná tabhair a thuilleadh dhom: cuid mhaith. An dóigh leat ná go bhfuair sé lán cluaise nuair dubharthas leis go raibh an iomad teallaireachta aige: oiread agus chuirfeadh 'n-a éisteacht é. Cuir a thuilleadh leasuighthe ar an lán san síos uait: an méid den talamh atá sa treó san. Ins an lán san aníos ón gcarraig do thógamair an t-iasc: an liomatáiste uisce. Níl puinn ann ach bhéarfaidh sé a lán féin leis .i. faid mhairfidh sé fóirfidh sé. Rug an madra orm a's thug sé an lán san amach as mo thriubhas: oiread éadaigh a's líonfadh an poll san. "An bhfuil aonnidh aige?" – "lán stoca (airgead)": suim mhaith. Cuireann tú lán mo chroidhe d'áthas (d'eagla, d'fhonn etc.) orm: cuid mhór áthais, etc. Tabhair lán glaice d'fhéar don asal: crobh, dorn féir. Nách flúirseach do bhíodh iasc go mbeadh lán a ndroma aca dhe: beartanna móra, troma. Is deacair a thuigsint connus iompuigheadh an bád seóil ní raibh lán do chaipín de ghaoith ann: méabhán lag. Mara mbeidh obair déanta aca ní lá fós é, táid ag obair ar lán an bhata: chómh cruaidh in Éirinn agus is féidir leó. Bhí lán paróiste (de dhaoinibh) ann: sluagh mór. Cheannuigheas lán baclan de leabharthaibh ar leathchoróin: oiread a's bhéarfá leat i mbaic do ghéag. Rug a lán aindeise a's anróidh air 'n-a bheatha: cuid mhór. Lán báirnigh de bhainne ní bhíonn ag an mbuin gcéadna: crúitheach beag. Lán méaracáin níor ól sé den mbeathuisce, bhí sé chómh garg san: dil bheag. Chómh sprionnlaithe sin é, ná tabharfadh sé lán na píope (de thobac) duit .i. cómhartha gartaighe. Cuireadh lán trucallach d'fháiltidhibh rómham: na céadta mílte. Garsún athumhalta seadh é ná déanfadh lán do bhaise ort .i. ná déanfadh maitheas, teachtaireacht ná comaoin dá luighead d'aonne: ná tabharfadh aon tor ort. Dhein sé lán hata d'ór sa tsiopa san: saidhbhreas. Chuadhas chun a lán costais leis an dtigh sin: chosain sé cuid mhaith orm. Níl an lán fós sa tsoitheach: an méid a líonfadh é. Is fada ó lán gealaighe fós í: í do bheith chómh mór a's bheidh. Fuaireas lán an ghunna san ucht: an t-urchar ar fad. Bhíos i lán mo nirt an lá do bhuadhas an rás: a thuilleadh nirt ní dheaghaidh orm ó shoin. Chómh maith agus budh mhaith leat é do bheith, tá sé 'n-a lánrith (lán reatha): a luadar is a lúth go léir aige.

lán-: *i gcfhbh*. iomlán, ar a mhéid, cruinn, etc. Faigh lán-amharc air agus ná bíodh aon dearmhad ort an é an fear ceart é: amharc cruinn. Tá sé lán-aosta lé pósadh anois: aosta a dhóthain. Níl a lán-aois sroichte fós aige .i. aos fir. Mara b'é am duit bheith ag pósadh id lán-aois duit: druidte amach go hárd ins na bliadhantaibh. Is mór an obair do fanacht san áit uaignigh sin 'n-a lán-aonar: gan siubhal aonne air mara mbeadh go fíor-annamh. Sé an náire dho gur lán-annamh do thugann sé turus ar a mháthair bhocht: turus fada, fuar, fánach. Bhí lán-adhbhar aige chun é do chur 'n-a éisteacht: adhbhar mór, maith. Tugaim mo lán-aontadh lé nbhur bpósadh: mo thoil go hiomlán. Tá na fallaidhe lán-árd chun na buaice do chur ar an dtigh: árd go leór. Nách dóigh leat ná go bhfuil do lán-argóint déanta agat anois a's gur mithid duit stad: aighneas go leór. Níl sé 'n-a lán-atúrnae fós .i. níl a dhíntiúiridhe go léir aige. Bhíos lán-athchomair don dtigh chun mo screada do chlos: geairrid go leór do. Tá an dola lán-bheag anois, ní gabhadh dhuit a thuilleadh do shnoighe dhe: beag a dhóthain dá chúram. Ní bacach atá sé ach lán-bhacach: bacach ar fad. Mo chnámha lán-bhriste, lán-bhrúighte gan súil lé n-a snaidhmeadh .i. iad 'n-a mbrúscar.

Budh bheag é mo dhul ar éalódh uatha, iad ag teacht ’n-a lán-bhuidhin orm lán-armtha: sluagh trom a’s fuighleach airm aca. Éist tamall éigin, táimid lán-bhodhar agat léd scórnaghal bhrághad: cortha, traochta ó bheith ag éisteacht leat. Thug sé a lán-bhriathar faid agus bheadh sé mar cheap leis an dtigh ná faghadh neach luach leathphingne ar iasacht: dhearbhuigh sé go láidir. Lá lán-bhorb é siúd ná féadfá do cheann do chur thar dhoras: fiadhain, garbh. An peata leinbh sin ’n-a lán-bhéiceach ó mhaidean: ag gol ’sag liúighrigh. An rud tuathalach, míbhéasach atá déanta agat, ní dhéanfadh aonne ach lán-bhastún é: amallóg chríochnuighthe: duine gan aon eolas. Thug sé a lán-chómhairle lé me d’fhanacht sa bhaile: a thoil ar fad. Dréir mar tuigtear dos na dochtúiridhibh tá lán-cheasnaidhe air: iomard sláinte a leanfas choidhche é. Sin é uair do chaill sé nár thug iarracht éigin nuair fuair sé an lán-chao air: cao nó deis cheart. Má néann fagháil locht ar dhuine é agus díth-mheas níl aon bhaoghal ná go bhfuilir lán-cháinte aige: díth-mholta ó thalamh. An amhlaidh ná fuil lán-chall lé biadh ag an té nár ith aon rud ó indé: gábhadh cruaidh. Is mithid di a céile do bheith lán-chaointe aice níor stad sí de bhuaidhreamh lé bliadhain: brón a’s deóra go léor do bheith déanta aice. Bím lán-chasta ar a chéile ó bheith suidhte sa chathair i rith an lae: crampálta amach. Oiread de lán-chruadhtan an tsaoghail fachta agam a’s nách beag liom é: duadh mór maireachtainte. Éirigh as tá sé lán-chríochnuighthe agat: deireadh ar fad leis: gan gábhadh lé n-a thuilleadh aige. Ná bíodh aon mhairg ná go bhfaghair aonnidh atá ar mo chumas-sa lé lán-chroidhe: gan doicheall ar bith. Deir Sasana go bhfuil sí féin lán-chómhachta ar muir ach admhuigheann an saoghal an Ghearmáin do bheith lán-chómhachta ar thalamh .i. gan aon dúthaigh eile do bheith chómh láidir léi. Fuaireas lán-chómhacht uaidh pé rud budh mhian liom do dhéanamh: cead mo thuairme a’s gnímh. Is fada ó bheith ’n-a lán-chumas é, dar ndóigh níl ’n-a lán-aois fós: a neart iomlán sroichte aige. Pé muinghin atá nó ná fuil ag aonne eile as, tá lán-dabht agam-sa: táim in amhras ar fad ’n-a thaobh (’n-a choinnibh). Is mór an lán-damaint do bheith ag tabhairt bídh do liaghairne díomhaoin: léirscrios é gur cheart náire do bheith leis. An t-ionsaidhe fíochmhar do rinneadh orainn gan choinne lé lóchtaint an lae do chuir lán-deifir ortha rith lé n-a n-anam: an deabhadh budh mhó b’fhéidir. Traen lán-deithineasach í seo, ní fada bheidh sí ag sroichstint a triall: a ghluaiseas chómh mear agus tá innte. Fágfaidh an cogadh so na tíortha lán-dealbh ar a bhfuil de chostas dhá dhéanamh leis: fíor-bhocht. Deirtí go raibh sí ar an mnaoi budh lán-dealbhaighe dá raibh sa dúthaigh: budh mhó náire agus áilne. Bíodh bhur ndóirse lán-daingean agaibh lé linn na tóra: ábalta ar ionsaidhe do chur díobh. Táim lán-daingean ar fhanacht sa tsuidheachán ’n-a bhfuilim go gcuirtear as lé héigean me: m’aigne socair agam air: gan aon fhonn orm dul ’n-a chois. Is cuma liom-sa cad is dóigh leat nó nách dóigh leat, táim féin lán-deimhnightheach ná fuil faic orm pé cuma atá orm: lán-chinnte: gan a luighead amhrais orm ’n-a thaobh. Bhíodar lán-dearbhtha, na haindeiseóiridhe, go dtiocfadh go raibh a mbuille tugtha nuair fuascladh iad: ní thabharfadh aon rud malairt tuairme dhóibh. Cuir do lán-dóchas as Dhia go deireadh na scríbe: creid go diongmhálta go bhfóirfidh Dia ort tráth éigin. D’éirigh sé lé lán-dásacht, a’s níor bh’fhéidir ciall ná meabhair do thabhairt do: fiadhantacht: buile a’s báinighe. Táir lán-dána air .i. deinir buannaidheacht air ná leómhfadh mórán. Bír-se lán-dána ar an muir nuair bhír ag cainnt uirthe ar an dtalamh tirim .i. cad é ná déanfá lé misneach. Dá mbeifeá ghá mhúineadh go dtrághfadh an mhuir mar a chéile é, tá sé chómh lán-dúr san: ceann cipín é: aon léas mheabhraidheachta níl aige. B’é do lán-díoghal tu d’fhágaint id chois mar nár thógais féin cos dhuine riamh den mbóthar: an rud a bheadh tuillte go maith agat. Gach neach do

marbhuigheadh lé feall orainn beidh lán-díoghal againn as: agrócham iad ortha: bainfeam sásamh as. Ha há, budh dhóbair a's budh lán-dóbair duit an uair úd gur bhain an t-urchar an hata dhíot: ní raibh ach a rádh gur scarais leis .i. aon ionga bheag amháin eile a's bhí sé fachta agat. Is iomdha oibridhe slachtmhar feicsighthe agam ach ní fheaca fós aonne ag obair lé lán-dúthracht mar é: a chroidhe go léir innte. Buaileadh i ndroichead na srón lé lán-dúthracht me .i. go dubhluighthe: gan aon truagh. Gluais leis, tá mo lán-dóthain anois agam: mo dhóthain mór .i. a thuilleadh ní call liom ná dom. Bheifeá lán-díolta aiste ar deich bpúint, ainmhidhe beag dob eadh í: bheadh luach a b'fhiú go maith í agat uirthe air sin. Aonne a bheadh 'n-a lán-éifeacht ní chaithfeadh sé a chuid ar dhaoinibh ná cúiteóchadh beag ná mór é: go mbeadh a chiall ar fad aige. Go bráth faid mhairfinn shaoileas ná feicfinn 'n-a lán-éirghe é ar an ósbairt do fuair sé: tagtha chuige féin ar fad ar fad. Tá sé 'n-a lán-éasca anocht: lán-ré: gealach lán. Léim an chú go lán-éascaidh de dhruim na gclathach: chómh héadtrom, seólta a's b'fhéidir. Dheineadar lán-éalódh as an gcampa gabhainn trí mhúchán .i. d'éaluigh a raibh ann. Táim i lán-éad leat ar a bhfuil agat a's gan faic agam féin: míoghnaoi mór agam duit féd bhail. Seadh, ná bain a thuilleadh as, tá sé lán-éadtrom d'aonne lé n-a iomchar anois: chómh héadtrom san a's nár ghábhadh dho aonne dochma do bheith aige roimis. Caithfear an teine d'adughadh airís tá sí 'n-a lán-éag: níl sméaróid dhearg innte. Níor lán-eagla go dtí é a's mar cuireadh orainn nuair bhuail an caor an tigh: eagla ár n-anama. Ná bíodh aon ghreithileán ort, tá lán-eaga agat é bheith caithte siar agat sara dtagaidh na gárdaidhe: fuighleach aimsire. Is fada lán-easbhaidh ortha gan aonne do thabhairt greama ná bolgaim dóibh: ganntar bídh. Ní raibh reacht dár ritheadh ná gur thug sé a lán-umhla dho: ghéill sé dhóibh a's chóimhlíon iad. Mara mbeadh an lán-éileamh a bhí aige uirthe a's an míghean a bhí aice dho ní iarrfadh sé uirthe é do phósadh: éileamh thar na beartaibh. Ní raibh húm ná hám aige liom ach lán-eiteach do dhéanamh orm: me d'eiteach as an gceanntsláine. Aon rud do chuir sé roimis bhí sé lán-éirightheach leis .i. bhí an t-ádh ar fad leis. Ghluais na háthraighe aoir anall thar bóchna 'n-a lán-eiteall: go seólta, éascaidh, in órd cheart. Is air sin ná fuil an bhodhaire, ach an chladhaireacht, tá a lán-éisteacht aige: cloiseann go soiléir. Sid é an té dhuit go bhfuil lán-eólas ná háite sin aige – níl poll ná póirse a raghadh amugha air: eolas cruinn iomlán. Tá an téad so lán-fhada, ní gábhadh aon smut do chur léi: an oiread faid innte a's tá ag teastáil. Inneósad an lán-fhírinne dhuit, is me atá cionntach lé n-a bhfuil de dhíoghbháil déanta: an fhírinne go glan ar fad. Níl a lán-fhaid sa spiléar so, tá sé dáthad feadh gearra: a fhaid ar fad: an fhaid atá meáidhte dho. Maran righin, lán-fhadálach an duine thu, brostuigh: siléigeach. Is lán-fhadhbach an ceanntar é Corca Dhuibhne: cnocach, sléibhteach, árdánach. Ó, budh beag ag an mbitheamhnach é d'árdach leis nuair fuair sé lán-fhaill air gan neach 'n-a aire: cao cheart. Tugadh lán-fhaillighe ann sar ar cuireadh fios ar an ndochtúir, gan teas ná biadh do thabhairt do: níor cuireadh aon rian suime ann. Tair go fonnmhar, beidh lán-fháilte agam-sa rómhat: áthas croidhe orm tú do thabhairt cuairde orm. Na bróga so lán-fhairsing d'aonne ná beadh crúba air: fada, leathan: mórshligheach. Ní raibh an barra chómh maith san, bhí sé lán-fhánach i bhfoth-áit ann: fás i bhfad ó chéile. Is mithid do bheith lán-fhann ar a bhfuil de thinneas air a's a fhaid atá sé ag fulang: lag amach agus amach. Connus bheadh a fhios agam cad é an saghas é nuair ná fuaireas mo lán-fhéachaint air: oiread amhairc a's go mbreithneóchainn i gceart é. Fear lán-fhealltach an té a dhéanfadh do bhascadh laistiar díot .i. a bheadh i ndán droichbheart do dhéanamh. Táir lán-fhearamhail dómh-sa chun dul chun cinn leat: an iomad ar fad den bhfear ag baint leat. Cuireadh isteach an doras 'n-

a chipínidhibh lé lán-fhórsa ar an úrlár: neart agus fuinneamh ná raibh a fhulang. Na caoire a tógtar ar oileán mhara, bíd lán-fhiadhain, ar an míntír ní fhanfaidís socair in aon áit: fiadhain amach ar fad. Nuair cuireadh na gadhair leis na caoiribh d'imthigheadar 'n-a lán-fhianscar: 'n-a ruathar soir, siar. Sara gcorrócham cos, an bhfuil lán-fhonn ort bheith rannpháirteach sa ghníomh so: toilteanach ar fad leis. Cad é an deallramh atá leis an gcómhla d'fhágaint lán-fhoscailte ar an mbosca luachmhar san a's ná feadrais cé gheóbhadh an treó?: bainte dhe ar fad. Ná bíodh aon chosaint ná seachaint ort ach tabhair lán-fhreagra ar an gceist: freagra ceart, sásamhach. Rud lán-fhuraiste dhéanfadh leanbh: gan duadh ar bith. An mbeadh seanchasóg agat do thabharfá dhom, níl luid ar mo dhrom, táim 'n-a lán-ghábhadh: teastuigheann sí go cruaidh uaim. Tigh lán-Ghaedhealach é sin – Gaedhealaing a dteanga, earraidhe na tíre ann a's fáilte mhór: fíor-Ghaedhealach. Is lán-ghallda an blas atá ar a theangain, budh dhóigh leat gur i gcathair Lonndain do tógadh é: gallda ar fad. Braon ní fhanfaidh sa tsoitheach lán-ghágach mara ndeintear é do chalcadh (cácáil): lán de scoilteachaibh. Is annamh is cuimhin liom aimsir go raibh airgead chómh lán-ghann: an-ghann ar fad. Thugais lánfhás dod chuid coirce, sin é ag sileadh é: oiread agus d'fhéadfadh sé. Sin a mbeidh de thoirt, a's dá luighead é, tá sé lán-fhásta: sin uile fáis a raghaidh air. Bí aireach air, tá seisean lán-ghlic, a's ní fios cad é an cor do thabharfad duit: níl teóra lé n-a chuid gliocais. Léd lán-ghligínteacht a chaithir tú féin do chur in iúil pé áit go ngaibhir: ceal mór fuaimeanta. Sin é fear is mó lán-ghoile dá bhfeaca-sa ag itheadh riamh: goile rófhairsing, rófhlúirseach. Tréis an chatha chéadna bhí dhá chéad aca lán-ghonta, ná raibh cor de chois ná de láimh ionta: goirtighthe chómh dona san. Id shliasta cois teineadh ghod lán-ghoradh féin: ghod ghrianadh a's théidheamh féin go seascair léi. Nách iad na daoine mío-ádhmharacha iad atá ag fagháil an lán-ghreadta ón aer: dóghadh a's loscadh thar cuimse. Seadh, a fheara, is maith liom an aiste atá oraibh, tá an lá n-a lán-ghreann agaibh: sult an domhain uile agaibh as. Ná bíodh sé den diabhal ort é do scaoileadh uait, beir lán-ghreim air: greim dlúth, daingean. Eagla ní leigfeadh dom-sa mo chos do chur innte, tá sí lán-ghuagach: an mío-ádh lé guagaighe uirthe: gan socracht ná stuidéar. Thug an bhean bhocht a lán-ghuidhe dhom an rath do bheith orm: do ghuidh sí go dúthrachtach. Ádh ort mo lán-ghuidhe dhuit: guidhe ó chroidhe amach. Beann ar bith níl aige sin ar dhochar bheag, duine lán-ghustalach seadh é, tighthe, talamh a's airgead tirim aige: an-strusamhail. Labhair sé de lán-ghuth ó íochtar an tighe ag iomcháineadh a raibh 'n-a choinnibh: go teann, neamheaglach. Níl lán-innsint an scéil agam mar an té a thug dom é ní raibh aige ach scéal scéil: aithris ar ar thárla. Is ait an t-amadán duine tusa, leis, 'sa bheith ag déanamh lán-íodhbairt ar do shláinte ar son na ndaoine eile a's gan faic agat féin dá bharra: ag tabhairt a bhfuil ionat do dhaoinibh eile. Coimeád do bhéal iadhta, lán-iadhta, gan oiread a's iarracht do thabhairt ar é do bhogadh. Bhí an sparán ar lán-iarraidh ar feadh bliadhna: gan a thásc ná a thuairisc, dá mhéid an cuardach do néadh air. Is lán-iargcúlta an áit go bhfuilim im chómhnaidhe thiar, chómh fada siar a's tá ann, i ngabhal sléibhe: gur dheacair áit is sia ó bhualadh daoine d'fhagháil. Dá bhfaigheadh iarraidh é, ná fuil sé lán-iarrtha agam: é loirgthe airís agus airís eile agam. Cuireadh lán-iasc os a chómhair agus d'ith: iasc (breac éisc) ar fad. Is cuma dhíbh anois, tá lán-íde tugtha ar mo chuid feóla agaibh: í go léir ithte agaibh. Táim ar lán-inntin dul ann agus raghad mara dtagann rud éigin grod treasna orm a choiscfidh me: tá rún déanta agam ar dhul. Táid i lán-imeall a gcod oibre: sáidhte innte go dícheallach. Níl an cluiche seo lán-imeartha fós, scúigh amach na cártaidhe: é críochnuighthe ar fad. Lán-impidheas air ar son Dé a's ar bhain leis a shuaimhneas do

cheapadh: d'athchuinigheas óm chroidhe amach air. Beidh lán-imshníomh ort ag cur díot mara n-iomcharuighir thu féin: siubhal is beag leat. Loingeas cogaidh lán-inneallta gan faic in easnamh ortha: gach úirlis a's oireamhaint riachtanach ionta. Nuair bheidh m'fhiacha lán-íoctha agam codlóchad go sámh: gach feóirling díolta amach. Chuaidh rud éigin fém shúil a's tá sí lán-íogair: an-leóchaileach. Toisc lán-iomadamhlacht an éisc a shaoire: é do bheith chómh flúirseach san. Tá lán-iomard ort, is é tá ort, bheith ag síorchur síos ar do chomharsanaibh: duadh a's buaidhreamh gan chuimse. Ní thaithnighir in ao'chor liom, táir lán-iomarcach dom: an iomad mhór tóirtéise agat ort féin. Baineadh lán-iompódh asta nuair bhíodar d'iarraidh briseadh isteach 'on chathair: cuireadh i ndiaidh a gcúil iad. Beir leat go bhfuil an oiread measa agam ort go bhfuil lán-iontaoibh agam asat: muinghin sheasamhach. Tá lán-ionbhaidh na bó tagtha beireadh sí nó na beireadh sí: a haimsir go hiomlán istigh. Nách lán-iongtaiseach an duine é rud do bheith ag aonne eile chómh maith leis féin: gur b'ait leis go mór é. Éirightear as anois, tá a lán-ionnramháil fachta aige, budh chóir gur leór san: an méid láimhseála a's oireann do. Brathaim lán-láidir anois tréis na béile sin: chómh láidir a's bheadh súil agam leis. Is é atá go lán-lag lé tinneas a's breóidhteacht: in ísle nirt ar fad. A raibh de shoillsibh sa tigh ar lán-lasadh: a raibh de sholas ionta. Fear garbh, lán-leicneach .i. go bhfuil leaca fhada, leathan aige. Níl furmhór na mbóithre lán-leathán don mbualadh atá ortha: leathan go leór. Sí an bhean í go bhfuil an lán-leadhb aice: teanga mhín, phlámásach, mholta. Lán-leadradh sa tigh tábhairne me – do bhí cúigear ag gabháil orm: buaileadh ó thalamh me. Nuair bhí a chuid airgid lán-leachta air thug a chóimhleacaidhthe a gcúl air: caithte, scaipighthe. Budh lán-léan liom a chlos a bheith ar lár, mar budh mhór é mo shuimiughadh ann: truagh a's brón. Tá an t-áras ag lán-leigeant uaidh, is gearr do bheidh braon ann: ag leigeant uaidh gan staonadh agus i mórán áiteann. Chómh maith agus bhí sé aon lá riamh, a lán-luadar 'sa lán-lúth aige: áis a ghéag ar fad a's an fuinneamh céadna a bhí riamh ann. Ní fada uaidh anois, ceal a choda féin atá ag teacht leis, tá sé lán-léirighthe: caithte, croithte, seirgthe. Is iomdha rud lán-léirighthe aige ó thosnuigh sé ar mhúineadh: mínighthe go soiléir. Fuair sé lán-lá as trí huaire chluig oibre: tuarasdal as lá iomlán. In am go bhfeaca-sa é a's me im rud bheag bhí sé lán-liath: gach ruibe 'n-a cheann ar an ndath san. Tairngeadh lán-líne eadrainn: deighleadh sinn i slighe ná raibh aon amhras air. Gan ár lán-líon fear ní fhéadfaimís puinn do dhéanamh: ár gcomhthrom ceart fear. Tá lán-locht air go bhfuil sé caoch ó thaobh de: locht mór, trom. Ó mhuise, má bhí aon fheóil riamh lobhtha bhí sí siúd lán-lobhtha, má dhéanfadh boladh é: lobhtha ar fad, ar fad. Lán-loiscreán go ndeintear ortha: pioc díobh nár fhanaidh lé n-a chéile gan luaithreán do dhéanamh díobh. Cá mbeadh bainne ag buaibh ar thalamh lán-lom .i. é bheith ithte síos go cré. Táim ar do lán-lorg ó mhaidean gan tu d'fhagháil: ghod lorg i ngach áit go fuirseamhail. Cuir díot go lán-luaimneach, ná fásadh puinn den bhféar féd chosaibh: chómh mear, tapaidh a's iomcharóchaidh do chosa thu. Cuireadh teachtaire chúcha ar lán-luas go raibh an namhaid ag teacht i leith a gcúil ortha, go mbeadh eaga a gcosanta aca: an deabhadh is mó b'fhéidir do dhéanamh. Is fada mhaireann sé a's é 'n-a lán-luighe go tréith lé tamall mór .i. ar aiste ná féadfadh corruighe. Bhí sé 'n-a lán-ló nuair dhúisigheas .i. 'n-a lá bán gléigeal. Fágfaidh an deoch lán-mháchail ar an té a thaithigheas í: díoghbháil mhór. Níor chás duit do chuid ar fad do chur ar a iontaoibh, fear lán-mhacánta é: díreach, fírinneach, ionraic. Dein lán-mhachtnamh ar aonnidh tábhachtach sara gcuirir chun a dhéanta: machtnamh fada, doimhin. Is lán-mhadramhail an duine é ná héisteóchadh lé cómhairle a bheadh ar mhaithe leis: stránamhail: lán de

dhroichmhianach. Lán-mhagadh fúm bheith ag itheadh a's ag ól mo choda gan bhladh gan bhuidheachas: fonmhód a's beag-mheas. Éirigh, tá sé 'n-a lán-mhaidin: geal ar fad. Ní chuireann sé lán-mhairg orm-sa tusa do bheith chómh haindeis a's taoi, mar budh bheag-mhairg leat féin leath-cheann do bheith ar aonne .i. aon dochma ná buadhairt. Mise a bhí go lán-mhairgeach, ná rabhas láithreach chun dul chun t'fhóirtheana: an bhuaidhreamh mhór aigne. Fé lán-mhaise go bhfillir ar an mbaile airís: go rabhair go maith i sláinte a's i gcorp. D'fhágadar go lán-mháchaileach é ó bheith ag gabháil air: goirtighthe in iliomad ball dá chorp. Táid ag imtheacht anois a's nár fhillid fé n-a lán-mhaise: slán i sláinte mhaith gan díth gan dochar. Is deacair leis a chreideamhaint go bhfaghaidh lucht a dhíthe lán-mhaitheamhnachas ó Dhia: iad do ghlanadh ar fad ó mhilleán. Tabhair aire dhuit féin, táim-se go lán-mhaith .i. gan dochar ná dochma ar bith. Dar fiadh, ach do bhíos ar baillichrith lé fuacht a's théidhigh an deoch san me, do rinne sí lán-mhaitheas dom: chroith sí suas go hiongtach me. Lán-mhaithim duit a ndeárnais d'olc orm .i. diúltuighim ar fad de bheith ag éileamh cúitimh as t'iomarbhas. B'fhearra dhom ná déanfá maith ná comaoin riamh orm mar is minic lán-mhaoidhte agat orm é: é casta agat liom go mion minic an bhail do chuiris orm. Cuir uait do chuid buaidhrimh, tá do chéile 'n-a lán-mharthain .i. go beó, beathadhach. Lán-mhartruighthe as a chosaibh ná fuil ann cor do chur asta: goirtighthe, aimlidhthe. Lán-mhasmas go gcuiridh an biadh ort maran agat atá an dúil ann .i. breóidhte ar fad go rabhair dá dheascaibh. Dá mbeadh sé 'n-a lán-mheabhair ní bheadh an seachmall cainnte sin air: cómhacht a mhachtnaimh do bheith aige. Féach féin air mar scéal, lán-mheádhaidh é a's ná bí ag brath ar thuairmidhibh aonne eile: machtnuigh go doimhin air a's ar gach cúig a's cúinnse ag baint leis. Chuir sé chun bóthair go lán-mheanmanach gan mairg, gan righneas: a chroidhe éirighthe lé fonn. D'ól sé an oiread san dighe mearbhaill gur chaith sé an oidhche ar lán-mhearaidhe: seachmall: gan pioc dá chéill ná dá eólas aige. Sé mo lán-mheas-sa air gur crochaire bitheamhnaigh é!: sin í mo thuairm chinnte tréis é do thómhas i gceart. Puth eile sa lamhnán anois a's phléascfá é, tá sé n-a lán-mhéid agat: chómh toirteamhail a's b'fhéidir leis do bheith. Buachaill lán-mhisneamhail nách aon rud beag a lagóchadh a chroidhe .i. a thabharfaidh aghaidh ar aonnidh. Tá an té seo lán-mhilis gan a thuilleadh siúicre do chur air: milis do shásamh aonne. Tagann sé lán-mhinic 'on tigh seo, budh chóir go mbeadh eolas ceart aige air: an-mhinic. Ní mór gur fiú é do scoltadh, is lán-mhion an t-iasc é: an-thruaillighthe ar fad. Bailigh leat anois, ní bhfaghair a thuilleadh, tá do lán-mhír fachta agat: oiread agus atá ag dul duit. Lán-mhí-rath ort mar dhuine maran mé atá clipighthe agat: tubaist uathbhásach go raibh os a chionn do shíor. D'imthigh sé 'n-a lán-mhustar ar fhagháil na duaise, gan oiread a's féachaint ar aonne: áirde láin a's measa aige air féin. Má tá sé lé teacht in ao'chor is lán-mhithid do do bheith tagaithe anois: an aimsir go léir go mbeadh súil leis imthighthe. Fuaireamair an long ar lán-mhí-threóir, an fhuireann gan biadh, gan deoch: ar droch-aiste ar fad. Bhí sé lán-mhoch ag aonne éirghe lé breacadh an lae: rómhoch. Dheineas lán-mhoill lé súil go dtiocfadh sé ach dá fhaid fhanas ní tháinig: moill mhór, fhada. Fear mór cumasach lán-mhuineálach: borrtha, líonta amach: teann, láidir as a mhuineál. Chun a chirt féin do thabhairt do bhíonn sé lán-mhuinnteardha liom, cé ná tuillim uaidh é: lághach, miochair: lághach, cainnteach, fiafruightheach. Táthar lán-mhí-chéadfadhach díot toisc a dhéidheannaighe agus a fhaillighthighe a bhír i dtaobh do chod oibre: táthar i bhfad ó bheith buidheach díot. Budh lán-nádúrdha dho teacht chómh fada ar do thuairisc gan gaol, gan chómhgas aige leat: budh dheaghchroidheach, cuimhnteach é. "Tugaim-se mo

lán-mhóide" ars an tAire Cosanta, má cuirtear barra méire orainn sa dúthaigh seo go dtroidfeam in aghaidh éigin go dtín ruibe: dearbhuighim go daingean, láidir é. Fuairis lán-mholadh uaidh, go ndubhairt nár bh'eol do neach b'oireamhnaighe don mbeart ná thu: moladh go cantaibh na gréine. B'fhada feirmeóiridhe na hÉireann fé lán-mhursantacht thighearnaidhe talmhan, go rabhadar ar a gcumas déanamh na n-ainmhidhthe do thabhairt dóibh: fé ghall-smacht ná raibh bogadh ná teacht uaidh. Ná bí lán-namhadamhail ag cainnt ar aonne na bíodh maithfeachas éigin ag baint leat: ró-dhrochaigeantamhail: árd-nimhneach. Is rí-dheacair anois iad do ruagadh as na púirt 'n-a bhfuilid lán-neaduighthe fútha: socruighthe go daingean, sealbhach. Budh lán-neamh-aistearach a bhí an fear a chuaidh ag gabháil den uaireadóir sin a's a lot: gan rian de chúram an domhain uile air. Is neamhdheas agus is lán-neamhdheas atá an leitir scríobhtha agat: míoshlachtmhar ar fad. Tá neamhmeabhair ort a's lán-neamhmeabhair ort, a mheas go mbeadh gach aonne go maith dhuit i gcómhnaidhe: díth céille mór, groidhe. Glacfí léi mar chailín aimsire lé n-a lán-néatacht: a slachtmhaire a's a glaine chun rudaidhe d'ionnramháil. Is annamh do chonnac an ghrian ag éirghe ar Bhréanfinn chómh lán-niamhair a's d'éirigh indiu: chómh gluardha, soillseach, taithneamhach. Is iongtach an bláthas atá anois ort, an lán-niamh atá id chneas: an scáil lé sláinteamhlacht. Is mithid duit a bheith lán-nighthe ar fhaid ataoi ag gabháil díot féin: glan scriosta ó shalachar. D'éirigh sé 'n-a amhailt lán-nochtuighthe amach as an leabaidh chugham .i. gan luid éadaigh air. Beidh sé n-a lán-nóin sara mbeidh aonnidh déanta againn ar an gclódh siléigeach atá orainn: cuid mhór den ló caithte. Ní fuláir nó do thug lán-ócáid thu chómh fada ó bhaile ar an uain seo d'oidhche: cúram éigin broideamhail, tábhachtach. Tá an cailín sin lán-óg fós lé n-a pósadh: i bhfad ró-óg. Duine siléigeach nár fhág an baile riamh sara raibh n-a lán-oidhche: an oidhche go trom ann. Maidir lé scolaidheacht a's airgead do chaitheamh leis, fuair sé lán-oideas: múineadh fóirlíonta. Nách í an lán-óinseach í, níl am dá n-osclann a béal ná go ndeineann a botún: óinseach chríochnuighthe. Seadh marab ionann a's riamh, táimid ar lán-órdughadh: gach aon rud i dtreó cheart a's sinn ag bualadh linn. Díomhaoin glan an aimsir seo, a's táim lán-oireamhnach ar thabhairt fé ghnóth nuadh: ullamh, réidh gan aon rud ag teacht treasna orm. Do lán-oir an smachtughadh san do, má d'oir d'aonne riamh: bhí sé ag dul do go maith trí n-a bheith tuillte aige. Is lán-onóir d'aonne a cheapadh ar scoil nuadh na healadhan so againn: onóir thar barr ar fad. Dheinis beart lán-onórach gan do dhochar do leanamhaint ortha: fíor-ghaládnta, meastamhail. Nuair chonnaic sé gach aonne ag fagháil ruda, a's gur locadh air féin leig sé lán-osnadh as: anál fhada, throm, thuirseach, díombáidheach. Ná dein lán-phaidear di, caith uait é, tá a dóthain cainnte air cheana: ná dein mór-shians de. Ná creid focal uaidh, ná raibh lámh ná ladhar aige ann, bhí sé lán-pháirteach linn: den rud a bhí ar siubhal do bhí cion duine aige. B'é an t-acht eadrainn pé sochar a thiocfadh é do bheith 'n-a lán-pháirteacas eadrainn: 'n-a chómh-rannaibh. Tá do lán-phárdún fachta agat, ná deineadh sé a thuilleadh mairge dhuit, ní beifear 'n-a dhiaidh feasta ort: maitheamhnachas iomlán. Is uait do theastuigheann smacht a's riar do chur ort, a bhéiceacháin, atá id lán-pheata ged mhuinntir: peaca ar do thoil féin. Lán-pheataidheacht atá ort, sin é atá ort, ag gearán a's saoghal mná uaisle agat: rómhian go bhfaghfá déanamh peata leinbh a bheadh laitighthe. Tá sé fágtha gan aon chúis gearáin ó díoladh an lán-phingin leis: an tsuim a bhí amuigh aige. Toisc an lae do bheith chómh breágh bhí lán-phobal gen aifreann: an oiread daoine a's go mbeadh súil leó. "An bhfuil seisean pósta?" – "tá agus lán-phósta" .i. pósta lé fada. Baineadh lán-phreab asam nuair stiall an ghaoth an doras: geit uathbhásach. Bíonn furmhór na bhfear ngorm lán-phusach:

beóla móra, borrtha ortha. Tagann an sáille anios ar fad ’on tsliabh nuair bhíonn sé ’n-a lán-rabharta: an t-am is aoirde a bhíos an taoide le linn na nuadh-ré a’s na lán-ré. Do bhí caitheamh ionta nuair bhíodar i lán-rachmas: in aoirde a nguastail a’s a aoibhneasa. Bhí sé i lán-rachtaibh dul im mhuineál (phíopán) lé holc a’s droichmhianach: ag éirghe as a chorp lé buile. Gach aon rud dá fheabhas ’n-a lán-raidhse aca: flúirse a’s fuighleach. Lé n-a bhrógaibh móra, troma bhaineadh sé lán-ramsach as lic an teinteáin a’s é ag rinnce: glór, fothrom a’s smúit. Lán-rath go raibh ort, sé tá róthuillte agat .i. go raibh an t-ádh ag rith ort. Beidh an lán-ré ist oidhche ambáireach: an toirt is mó is dual di. Gan chrann, gan slat gan seól a’s í lán-réabtha gen stoirm stríoc sí an cuan isteach: stracuighthe, stollta. Caitheadh gach aon rud suas indiu air, tá lán-reachtaireacht na háite fé: stiúradh a’s riar. Beithidhigh lán-reamhara gur ar éigean atá siubhal na slighe ionta: beathuighthe, feolmhar. Gan lán-réasún do bheith aige leis ní labharfadh sé id choinnibh: fáth ceart. Fágadh an áit a’s a raibh ann lán-réidh im chómhair i slighe ná raibh puinn lé déanamh: gach aon rud ullamh, socair dom. Nuair bhí na Rísigh ’n-a lán-réim annso bhí gach aonne ’n-a bhais chait aca: an lámh uachtair ar fad aca. Creidimíd-ne, Caitliocaidhthe, gur lán-riachtanach dúinn dul ag faoisdin uair sa mbliadhain ar a luighead: fé n-a bhun san ná bímíd ag cóimhlíonadh dlighe na heaglaise. Cuir an madra lán-rian a fhiacla im cholpa: cómhartha a bhfuil aige dhíobh. Baint ná lámh níl ag neach eile san ngnóth so, tá sé go léir fém lán-riar féin: pé slighe is mian liom é, is féidir liom a láimhseáil. D’imthigh sé n-a lán-rith mar sáidhfí na madraidhe leis .i. sa rás is mó a bhí aige. Cuireadh lán-ruathar ar shlóightibh Shasana as Tír Fé Thuinn, fear ná arm níor fágadh ann: teann deabhaidh. Tabhair a thoil do ar gach cúinnse a’s beidh sé lán-tsásta .i. sásta amach. Sara mbainir an t-árus ded cheann bain do lán-tsásamh as: an oiread as a’s ná beidh dúil agat ’n-a thuilleadh. I gcionn leathbhliadhna beidh sé ’n-a lán-shagart: tagtha amach lé sagartóireacht. Beidh trí mhíle lán-shaighdiúiridhe againn .i. iad oilte ar a n-ealadhain. A thuilleadh ní bhlaisfead anois, ní fhéadfainn ar, tá mo lán-tsáith agam des gach aonnidh: oiread mór a’s theastuigheann uaim. Is díomhaoin, faillightheach, lán-tsámh an duine é: gan broid ar bith air chun faic a mhaireas. Cuir uait, ní fheadraís cad a dhéanfadh an té go mbíonn lán-tsainnt air chun ruda do bheith aige: rófhonn chun sealbhuighthe ruda nách leis. Aonne a mhaireas go mbíonn sé cheithre fichid gheibheann sé a lán-shaoghal: faid mhór bliadhan. Faid a’s tá Sasana i seilbh roinnte de thaoibh thuaidh na hÉireann is fada ó lán-shaoirse sinn: bheith saor ar fad ar gach bealach a’s cuma. Tá mórán saoistidhe ag obair fé, sé siúd an lán-shaoiste: an ceann ortha. Ní fada uait anois é, d’fhágas ag teacht ar lán-shaothar é .i. ag déanamh oiread deabhaidh agus b’fhéidir leis. Nár mhór an lán-shaothar do dhein sé ar an bhfeóil gur ith sé cheithre púint de!: trom-itheadh. Ní fada ó bheith maol é, an méid gruaige atá air tá sí lán-scáinte: an-thanaidhe, an-fhánach. Choidhche airís ní leigfidh an lán-scannradh do fuair sé ar an bhfarraige dho dul uirthe: scannradh a anama. Do chuid ainmhidhthe ag imtheacht lán-scaoilte ar na bóithribh a’s iad ag dul i bhfoghail: gan ceangal, gan cuibhreach fútha. Níl aon rud a bhí dhá dhéanamh fe thóin aca ná raibh lán-scéala gen riaghaltas ghá fhagháil air ó n-a spiairidhibh: cunntas cruinn, beacht. Mo ghradhain iad, is iad do fuair an lán-sceimhle ón anaithe ’n-a gcleiteóig de bháidín: an scannradh saoghalta. Na gadhair go léir ’n-a lán-scol i ndiaidh an tsionnaigh: siansán na conairte uile. Faic in ao’chor níor fhág an ghaoth agam, rinne sí lán-scrios orm: d’árduigh uaim a raibh agam. Tá an tigh lán-scriosta i gcóir na Nodlag agaibh: glanta go háluinn. Dá bhfeictheá ghom lán-scrúdughadh é faid gach nfhaid: ag breithniughadh go cruinn, géar orm. Ar mhaithe liom féin do dheineas lán-

sheachaint air ón lá san amach .i. ní dheaghas ’n-a ghoire ná ’n-a ghaobhar. Thug sé an lá ar lán-séadadh bháistighe: ag cur gan sos, gan sánas. Tabhair dom-sa tamall anois cois teine, tá do lán-sheal tugtha agat-sa uirthe: aimsir budh cheart do shásóchadh thu. An Ghearmáin i lán-sheilbh na Beilge: gach fód di. Rinneadar, na cladhairidhe lán-sheilg ort, a bhaotháin .i. “bolg”: shásuigheadar iad féin dhíot maidir lé biadh a’s lé digh. Dá mbeifí ghá cheistiughadh choidhche ní bhfaighfí faic as, chuaidh sé ar a lán-shéanadh: shéan sé a bheag ’sa mhór: níor leig sé aon ghearán ’n-a chroiceann. Dá mbeadh aon mhaith san rud neamhanamamhail bhí aige fuair sé lán-sheans ar é do ghreamughadh: cao cheart, ghlan. Diúltuighim de mar scéal, ní fheadar-sa cé tá cionntach ann, ach tá súd lán-shéantach ann .i. deir go láidir ná raibh aon bhaint aige leis. Daoine lán-sheascara iad san go dtagann an saoghal so beag ortha a’s ná luigheann dáil na mbocht ortha: sócamhail, sásta ar a dtoil. Nuair thagann lán-shaosúr na bliadhna, ar nós aon ruda eile, níl aon teóra leis: an t-am ceart dréir nádúra go mbíonn rud in aoirde láin. Cailín lán-tséimh seadh í, dóthain aon fhir ar m’eolas: fíor-mhíonla, muinnteardha, lághach. Níor thug sé an lán-tseirbhís dá mháighistir a’s mar sin do bhí dlighe eatartha: an méid aimsire a bhí in acht aca. Bheadh an obair seo fé lán-tseól lé fada dá gcuireadh an bhuidhean lé chéile: dhá dhéanamh go bríoghmhar. Táid lán-tsilte leis an ocras: go lag-bhríoghach ’e cheal bídh. Baineadh lán-shíneadh asam ar an dtalamh .i. leagadh ar m’fhaid a’s ar mo leithead me. Och, is fada gur mhair, tá sé lán-shínte: treascartha gan éirghe (os a chionn). Níl a lán-tsíol sa talamh san, barra fánach do bheidh agat: a chomhthrom síl. Dhein lán-scríob de aniar dtuaidh tréis an cheatha gur dhóigh leat ná fanfadh aon rud ar poll: stoirm chómh tréan a’s b’fhéidir do bheith. Thug an t-anfadh lán-scuabadh don gceanntar, nár fhág sop in iothlainn: scriosadh a’s glanadh ceart. Ghluais an lacha ’sa hál ’n-a lán-scuaine ’n-a diaidh ar an linn: iad go léir i bhfochair a chéile. B’fhada ar lán-sheachmall é ag ól ’sag reic gur phós sé: ag imtheacht ar mí-riar ar fad. Thugas an lán-tseachtmhain gan faic do dhul im ghoile: an uile lá dhi. Bó lán-sheasc ná raibh gamhain leis na bliadhantaibh aice: aimrid ar fad. Thabharfadh sé an lán-shíorraidheacht ag cainnt gan leigeant duit focal do labhairt: choidhche a’s go bráth. Tugadh lán-tsiota don mbád .i. a raibh d’anairt uirthe. Táimid ’n-ár lán-tsiubhal anois, ní mór eile b’fhéidir leis an ngluaisteán do dhéanamh: luas an-mhór. Duine lán-tsiubhlach, níl pioc den gceanntar ná go bhfuil taistealuighthe aige: do shíor ag gluaiseacht ó bhall ball. Budh ghránda an lán-tslaid í, gan faic d’fhágaint aige: fogha iomlán. Bhíodh sé ’n-a lán-tsláinte go dtí lé déidheannaighe pé rud a thárla dho .i. gan aon éislinn air. Ná bíodh aon bhráig ort ná go bhfillfead an earra so ort go lán-shlán gan briseadh gan brughadh: iomlán: gan aon bhascadh. Sé an lán-shleamhnánaidhe é, nách maith é chun dul i dtreó a choda: duine róchliste, róghlic. Ná fuil lán-tslighe agat gan bheith ag cómhgarach ar aonne eile: fuighleach fairsinge. Fear cumasach, lán-tslinneánach: guailne leathana, groidhe. Dhein sé lán-tslogadh de n-a raibh sa ghloine, níor chuir chúiche an dara hiarracht: níor fhág sé diúir innte. Tá na lán-shlóighte ag bailiughadh ’on arm ar fuaid na tíre: gasraidhe troma, líonmhara. Mara mbeadh an lán-smacht atá ge n-a mhnaoi air thabharfadh sé gaoth dá chuid airgid: é fé n-a méir aice. As a lán-smaoineamh sé rud a cheap sé do dhéanamh ná an tír d’fhágaint sara ndéanfí bráighe dhe: as mhachtnamh fada, doimhin. Bím ag lán-smaoineamh ort: ag machtnamh go mion, minic ort. Táir-se, leis, lán-smeartha sa choir maidir lé duine .i. chómh cionntach lé duine. Cad do ghoirtigh é? tá lán-sméideadh bhacaighe ann: daor-bhacach go maith: is soiléir é do bheith bacach. Chongaibh sé lán-shnaidhm ar a bhéal, pé rud a bhí ar maoith aige: glas cruaidh ar a theangain. Tháinig sé linn go lán-shochair: réidh, gan aon

duadh do chur orainn. Tháinig sé i lán-tsoillse gach aonne: gan cúthaileacht ná scáth: go glan, galánta os a gcomhair. Sid é an lán-tsoláthar atá déanta agam a's ní mór gur fiú é d'áireamh: an méid ar fad atá agam tréis mo shaothair. Bhíodh ag stad 'sag stad go dtí ar deireadh go ndeárna sé lán-tsos .i. gur stad sé ar fad ar fad. Ag lán-spalpadh mhionn go gcuirfeadh an ghruaig 'n-a seasamh ar do cheann: ag eascainghe go diabhalta. Ón gcéad lá do chuireas aithne air chuireas lán-spéis ann: mór-shuim a's leagadh. Um an dtaca san as a raibh de dhuadh a's d'iomard beartha air do bhí an lán-spionnadh imthighthe as: an bhrigh ar fad. Bhuail sé síos an tsráid gan lán-spleádhachas aige lé haonne: gan suim ná tor aige ortha. Má leanann an spad-aimsir seo air fanfaidh coirce ar a lán-tsraith: i bhfad ar an gcuma san gan cor do chur de. Cuireadh eagla ar an gcapall a's chuir sé lán-shrann as: srann mar bheadh ar tí cur chun reatha. Ní raibh sí róchruinn aon lá riamh, a's d'imthigh sé 'n-a lán-straoill sa deireadh: gan aon chríochnughadh ná cur chun cinn. Tá an aindeise 'n-a lán-tsrathair orm: go cruaidh, trom, marbhthach. Ó gach áird do bhí an namhaid ag gluaiseacht 'on chathair 'n-a lán-tsruth .i. go líonmhar luath ar nós uisce na habhann. Is dócha go bhfuil lán-staidéar annso orm a's ná raghad thar lear go deó airís: fanacht nó cur fúm ar fad. Chuireadar lán-stailc suas - chaitheadar uatha a gcuid airm a's ní fhillidís: stailc nó stad iomlán. Ná deineadh aonne lán-stór den saoghal so mar ná fuil cairt ag aonne air: ná cuireadh aonne a shuim go léir ann. Tair dom chóngamh, táim fé lán-strus annso a's ní mór go bhfuil ionam é do sheasamh: duadh uathbhásach. Táimíd go lán-tsuairc annso gan bhuadhairt gan bhuaidhreamh: sughach, soilbhir. Bhíos im lán-shuan ar uain an mharbhtha: im chodladh throm. Táid lán-tsuaidhte gen scéal dobrónach: curtha go mór trí n-a chéile. Sin a bhfuil ag dul duit, sin í do lán-tsuim: do cheart ar fad. Ní hiongadh eolas do bheith aige air anois, is fada lán-tsuim aige ann: mórán mór spéise: caoraidheacht inntine. Rud lán-tábhachta do dhuine aire do thabhairt do féin pé áit dá ngaibheann: rud gur rócheart do a thabhairt fé ndeara go maith. Sin a bhfuil sa tsoitheach anois, tá a lán-thabhairt déanta aige: a raibh ann ar fad silte nó tugtha. Budh dheacair do puinn do bheith i láthair a bháis, duine lán-tabharthach mar é .i. a tugadh a's a bhronnadh go rabairneach. Má bhíonn seisean leat beidh lán-taca agat: cabhair thar barr. Theip orainn sa chath san mar ná fuaireamair an lán-tacaidheacht a bhí geallta dhúinn, ach beagáinín aithneartuighthe: cuidiughadh a bhí ar iarraidh uainn. Ar mh'anam go raibh lán-taise agam do nuair chonnac an crot dearóil a bhí air agus an gábhadh a bhí aige lé féachaint chuige: truagh mo chroidhe. Ní hé go rinneabhair an lán-taisteal ó Áth Cliath indiu?: teacht an bealach ar fad. An té go mbíonn lán-taithighe aige ar dhéanamh ruda tagann sé saoráideach air .i. é do bhéas aige bheith ag gabháil de. Aon tsuim ní chuirim 'n-a chuid spochaireachta san anois, táim lán-taithightheach air: táim tagtha isteach air ó bheith ag éisteacht leis go minic. Thug sé lán-taithneamh di a's ní gheóbhadh lé mnaoi eile ach léi: searc a chroidhe. Táim lán-tachtuighthe ge slaghdán: níl ionam m'anal do tharrac aige. Nár chaith sé lán-tamall i Mearaice?: seal fada aimsire. Tá lán-tamall agat-sa ar an suidheachán is seascaire ná tabharfá tamall do dhuine eile anois air: breis aimsire a's nách ceart duit. Níl sé chómh maith leis ar fad, ach tá sé i lán-tánaiste dho: i bhfíor-ghiorracht do. Thugadar lán-taobh le feall a's chailleadar cion na ndaoine dá chionn: aontadh nó cleachtadh ar fad. Seacht n-uaire do bhí an cailín lán-taodach san geallta sar ar phós sí: mór-thaomanach: luaith-inntineach. Ní féidir dul treasna na trágha nuair bhíonn sé 'n-a lán-taoide: an t-uisce éirighthe chómh hárd agus théigheann sé. Chaitheadar go maidean gheal ag lán-taoscadh dighe: ag ól go trom. Is mé do chuir díom go lán-tapaidh, gan tafant leis nuair chonnac gur bhaoghal dom fanamhaint: chómh grod

mear a's bhí lúth ionam. Bhítheas lán-tarcuisneach liom, ó thúis deireadh ní stadtí ach ag tabhairt an uile shórt easonóra dhom: cainnt a ghoilleadh go rómhór orm dhá chaitheamh liom. An sughrac 'san lán-tarrac a bhaineadh sé as an sean-phíp budh dhóigh leat ná fágfadh sé faic innte gan sughadh trí n-a tóin siar: tarrac trom, acfuinneach. Bhaineamair lán-tarrac eile as an ancaire go dtáinig sé linn: tarrac acfuinneach, neartmhar. An lán-tart a leanas an t-ólachán is marbhthach é: tart do-mhúchta. Ná bí d'iarraidh sinne do mhealladh in ao'chor, bhí do lán-tásc againn sara bhfeacamair riamh thu: eolas a's cunntas cruinn do bheart. Ar shroichstint dúinn ní raibh slighe isteach againn do bhí lán-teach rómhainn: an tigh lán de dhaoinibh. Ní de cheal lán-teagasc d'fhagháil gur cheart do aon dul amugha do bheith air ar cad budh cheart do do dhéanamh, mar díngceadh isteach 'n-a cheann ó thalamh é: eólas cruinn, beacht. Chosnuigheadar iad féin go lán-teann ag ruagadh i ndiaidh a gcúil gach dream dar ionsaidh iad i rith an lae bheirbhthe, the sin: go hacfuinneach, buacach. Chongaibh sé a cheann den dtéid go lán-teann d'eagla go gcoillfeadh sé a ghreim: go ródhaingean. Pé coir a bhíodh déanta ge duine dá dtugadh sé na cosa leis isteach sa mhainistir gheibheadh sé lán-tearmann ann: coimirce a's cosaint gan baoghal ar ghabháil. Thárla airgead chómh lán-tearc san ná raibh pingin ag neach 'n-ár measc lé tarrac chuige: gannchúiseach amach 'samach. Lé lán-teasbach ná féadann seisean leigeant d'aonne: mór-éirghe anáirde gustail nó deaghchothuighthe. Tháinig lán-teadh (teidhe) ann imtheacht ón dtigh, nár bh'fhéidir a áiteamh air stad: taom trom gluaiseachta. Dhein sé lán-timcheall an cheanntair ar lorg fear: ghaibh sé tríd an uile bhall de. Thugas lán-timcheall an chluig ag dubh-obair .i. dhá uair déag go hiomlán. Siad a chnámha a bhí go lán-tinn tréis na búrdála do fuair sé: goirtighthe go róthrom. Ní hiongadh lán-tocht do bheith ortha a's an phudhair mhór atá imthighthe uatha: dubrón trom a's an dochar mór a thárlaidh dhóibh. Is fada go bhfeaca aon scata fear, bail oraibh, is lán-toghtha ná sibh: fir chómh maith libh bailighthe lé chéile in aon díorma. Ní cuideachta d'aonne tu, fear lán-toirmeascach mar thu: duine ná bíonn dá thaidhbhreamh do ach achrann a's imreas. Bean ghroidhe lán-tónach .i. go bhfuil sliasta móra aice. Leasuigheadh go maith an áit sin a's a rian air, thug sé lán-toradh: sochar mór, trom, saidhbhir. Beidh lán-tórramh ort – deoch, biadh a's tobac: tórramh ná beidh faic in easnamh air. Mar a dhéanfadh fir mhaithe, tá sé lán-tráth agaibh bheith ag bogadh libh abhaile anois: is rómhithid díbh é. Ar a bhfuil fachta d'ósbairt aige tá sé lán-tréith nó is miorbhailt é: lag, fann, léirighthe ar fad. Bhí lán-treó aige sin ar airgead do bhailiughadh – déanamh maith ann féin, slighe air aige, a's an saoghal go maith: cao mhaith, rathamhail. Seo giolla anois duit a dhéanfaidh lán-treóir duit ar a bhfuil de ghalánaibh ogham sa cheanntar: eolas cruinn ar a n-ionadaibh. Déanfad lán-triall ar Áth Cliath: gluaisfead gan stad ar an slighe. Is róbhaoghalach sara stadaidh an cogadh so go mbeidh sé 'n-a lán-troid ar fuaid an domhain .i. tíortha na cruinne ceangailte isteach ann. Déarfainn ar an dtoirt atá ann go mbeadh an t-ualach san lán-trom duit .i. mós mór dhuit d'iomchar. Na manaigh chéadna san deinid lán-troscadh a's lán-tréanas .i. caithid na tráthanna gan biadhanna áirighthe a's uaireannta gan aon bhiadh. Bheadh lán-truagh agat d'aonne go n-éireóchadh tionóisc nó dochar do dá aindeóin: taise a's mothóilt do chroidhe. Caithfear admháilt gurbh é an capall dob fhearr ar an rás é, do bhí lán-tosach aige ar an gcuid eile: i bhfad rómpa amach. Fuireann rámhaidheachta lán-tréan nár cuireadh an lá riamh ortha: fuinneamhail, neartmhar. Bhís id lán-treise an tráth úd, riamh ó shoin ní rabhais leath chómh maith: i bhfíor-aoirde t'acfuinne. A's do dhícheall mór do dhéanamh ní fhéadfá an chos do chongbháil ge siúd 'sa lán-truslóga: coiscéimeanna

móra, fada. Chuir sí an lán-tuaith ann ná glacfadh sí fear eile ach é: léidhe a's leagadh a's cion thar barr. B'é mo lán-tuairm-se, mhuis, dá mbeadh foidhne aige go ndéanfadh sé an bheart: an ceapadh do dheineas tréis mórán smaoinimh. Seadh, tá an bás sa deireadh aige 'sis fada lán-tuartha aige é: a chómharthaidhe dhá theasbáint go roshoiléir aige. Labhair sé go lán-tuathalach, chuir sé déistin ar a raibh ag éisteacht leis: go ró-mhío-mhúinte: gan a luighead gastachta ná gliocais. Thall agus (t)abhfus is é a lán-tuilleamh sa mbliadhain trí chéad: an méid is mó d'fhéadann sé do bheith de bharr a shaothair aige. Do bhí an buille sin lán-tuillte aige, mar is iomdha duine buailte aige féin .i. b'é cóir a's ceart é do thabhairt do. Bím tuirseach, lán-tuirseach ó chlos ráflaidhe spiairidhe do theacht i dtalamh in Éirinn: mo chroidhe cortha, tnachta lé n-a n-aiteas a's a neamh-dheallramhtaighe. Budh lán-tur í mo bhéile ar chorp-lár na farraige, arán gan deoch gan annlann: róthirim. An té a thosnuigheas i lán-tús an lae, is móide a shaothar tráthnóna: i bhfíor-thosach. Sa tigín iargcúlta so im uath a's im aonar ó ló go ló is lán-uaigneach í m'aiste: ró-uaigneach ar fad ar fad. Nuair chídhtear rud trom dhá iomchar ag duine, deirtear, "tá sé 'n-a lán-ualach ort": oiread ort a's gur b'é do dhóthain é d'iomchar. In-a ghliogaire bheag lán-uallach atá sé ó rugadh é, budh dhóigh leat gur iarla nó tighearna é: an iomad measa aige air féin a's ceann fé ar chách. Cá ngeóbhadh an lán-uaisleacht atá riamh ionta, dá mhéid é a ngustal níor luigheadar a súil riamh ar naoidhe an ghábhtair: árdthréith sármhaitheasa. Fuair sé lán-ughdarás na luinge mar chaptaen uirthe .i. í do bheith fé n-a chúram a's smacht féin féin. Tá sé ceangailte ar chlainn do bheith lán-umhal dá muinntir, agus rud do dhéanamh ortha: do bheith lántoilteanach géilleadh dá mian a's dá riaghaladh. Raghad-sa i lán-urradhas air go bhfillfear do chuid airgid ort má thugair ar iasacht do é: raghad fé dhuit gan baoghal teipthe. Tá cion ges gach duine air atá fé n-a láimh, a's tugaid lán-urraim do mar is fiú leó air é as a mhaitheasaidhibh dóibh: mór-mheas a's géilleadh. An té, fiú amháin, a labhradh go lán-urramach leis do leigeadh sé sclaimh air, bhí sé chómh lán-mhór-chúiseach san: go meastamhail, íseal, umhal; chómh mór san aige féin. Baineadh lán-úsáid as an ngluaisteán faid sheasaimh sí, nóimint díomhaoin ní bhfuair sí ach ar bhóthar gan stad: an méid áise do b'fhéidir do bhaint aiste do deineadh é. Fuair sé lán-urchar an ghunna i gcúl an chinn gur thuit sé 'n-a phleist mharbh: lán an ghunna.

lánamha: *b.5.* dís nó beirt, a bheadh pósta, beirt pháirtidhthe i rinnce etc., dís rud nó beirt den gcineál nó an sórt céadna. Lánamha nuadhphósta. Lánamha phóire: dhá ghráinne phóire (ag ionadughadh buachalla a's cailín) a cuirtear dhá ghoradh agus in uisce d'fhéachaint an bhfanfaidís gan léimeadh lé ruadhachtaint agus má shnámhfaidís nó dul ar tóin puill i ndiaidh a chéile go mbeidís dílis dá chéile. Is olc an lánamha lé pósadh "leaghadh Dia" a's "lom-amhgar": fuairthé a's fíor-bhochtán. Ní dhéanfaidís lánamha choidhche: ní oirfidís dá chéile ar aon chuma.

lánán: *f.1.* an méid a líonfadh árus, etc. An bhfuil a lánán so d'uisce agat?

lánmhaireacht: *b.3.* flúirseacht, dóthanacht, láineacht. Lánmhaireacht goile ag teacht leis na féadfadh sé corruighe: an oiread san bídh ann. Ní raghadh práta eile sa mhála lé n-a lánmhaireacht: é líonta go bruach. Na muilchirtidhe sin mór a ndóthain do ghaiscidheach lé n-a lánmhaireacht: a bhflúirse: dóthantacht éadaigh.

lánmhar: *a.* mór-chúiseach, flúirseach, iomlán, lán-tuairmeach, áidhbhéiseach as dhuine féin. Toisc gustal do bheith aige bhí sé lánmhar as féin, budh dhóigh leat air ná raibh a chómh ar an saoghal: tóirtéiseach, mórchúiseach. Deoch rómhaith dhuit í sin, tá sí ró-lánmhar: róthoirteamhail. Níl ceal ná easbhaidh oraibh, tá gach rud go lánmhar annso: flúirse den uile rud.

lanntán: *f.1.* log, fód, plásóg ghlas. Suidhimís sa lanntán so: áit réidh ameasc achrainn. Tigh mór, mórtach a's lanntán glas ar a bhrághaid a's ar a chúl: plásóg. Fan san lanntán san a's ná corruigh as go bhfillead ort: ar an bhfód san. I mbarr an stocáin aoird do bhí lanntán go ndeineadh an fiolar a nead ann: paiste socair, réidh. Fanfad ar mo lanntán féin: ins an áit go bhfuil buannacht.

lansa: (**lannsa**) *f.4.* an chuid de sciain a ghearras, úirlis dochtúra chun féitheanna, nioscóididhe, orthar, etc. d'oscailt: scafaire: sleagh, lann. Lansa go bhfuil ceól ann an buachaill sin: scafaire: buachaill bríoghmhar, fuinneamhail. Cuireadh an lansa go fuirc ann: .i. an scian go cois. Thug an dochtúir an lansa dho: d'oscail sé othar etc., ann.

lansáil: (**lannsáil**) *b.3.* do tholladh nó d'oscailt lé lannsa. Adhbhar lán d'at go n-oireann lansáil go maith uaidh .i. é do pholladh a's an t-othar do leigeant as. Úirlis dhá fhaobhair lannsála.

lannsálaim: *b.a.* osclaim nó pollaim lé lannsa. Ó lannsáil an dochtúir me sa chliathán a's gur thairng mórchuid uisce asam chuaidh feabhas orm: ó chuir sé a scian ionam.

laoch: *f.1.* gaiscidheach, fear áitrighthe ar fhulang, neart i gconntabhairt a's i nduadh, go mbeadh tréithe áilne, buadha cogaidh, meanman, etc., ann; duine go dtéigheann a cháil 'sa chlú 'sa ghníomhartha a bhfad; curadh; seadaire; beithir. "Is é mo laoch mo ghile mear etc." .i. mo threóir a's mo thogha saighdiúra. "Tá an laoch chughainn" .i. an té go bhfuil a ainm anáirde. Deirtear lé haonne a bhíos d'iarraidh é féin do chur in iúil ameasc cóimhthionóil nó sluaigh, "nách é an laoch é" .i. budh dhóigh leat ar na gothaidhibh atá air go raibh gaisce mhór, iongtach éigin déanta aige. An laoch mear, calma Fionn Mac Cumhail: an té go raibh a chlú go fada, fairsing a's na héachtaibh a bhí déanta aige. Níl an áit go ngaibheann sé ag déanamh laoch de féin .i. d'iarraidh a chur in iúil gur fearr é 'ná neach 'n-a thímcheall. "Níl laoch dá thréine ná go bhfaightear fear a chlóidh" .i. dá fheabhas fear buaileann a chomórtas leis. "Gheibhtear gach laoch in aisce" .i. ní bhíonn tréan buan: i ndeireadh dála buaidhtear ar an té is cródha: deirtear so lé duine a thuiteas dá chodladh tréis mhórán suaidhte a's gleoidh.

laochamhail: *a.* cródha, calma, lán-mhisneamhail. Is laochamhla a theanga 'ná a ghníomh: is mó a dheineann sé ar a bhéal 'ná a shaothar. Moladh i ndán 'si scéal na gníomhartha laochamhla do dheineadar: gníomhartha éachtacha. Rud laochamhail d'aonne é féin do chaitheamh i bhfarraige fhiadhain fé n-a chuid éadaigh chun duine do shaoradh ó bháthadh: lánmhisneamhail, feardha.

laochas: (**laoicheas**) *f.1.* meas déanta gnímh nó éachta; éirghe croidhe as éacht, móiréis as dhuine féin; lúthgháir, maoidheamh. Cuireann sé laochas ar mo chroidhe istigh gur

thuit an oiread airgid ort, a fhir bhoicht: áthas thar na beartaibh. Ní mór an laochas d'aonne lá oibre do thabhairt dá chómharsain: maoidheamh. Beidh laochas ortha clann óg do bheith sa tigh: éirghe croidhe a's áthas. Ná bíodh aon laochas ort go fóill, níl an lá so buaidhte fós: ná bíodh lúthgháir ort go mbeir deimhnightheach. Ó tá iasc aige a's gan é ag aonne eile tá laochas air: móiréis a's meas dá réir. Bainfead-sa smut den laochas díot-sa fós dá dtógadh sé céad bliadhain uaim: tóirtéis, teasbhach. Is mór an laochas d'fhear mhór mar thu, go deimhin, truaghán seanduine do bhualadh: gníomh éachtach! Mórán ban go mbíonn laochas ag baint leó: mustar a's coimhtheas. Ó cheann ceann na tíre tháinig laochas ar na daoinibh nuair chualadar go raibh an ruaig curtha ar an namhaid as an ndúthaigh: lúthgháir a's bród.

laochradh: *f.1.* buidhean laoch, ghaiscidheach, fear árd-mhisneamhail, éachtach. B'fhada a's budh liosta lé háireamh laochradh Gaedheal: an líon mór d'fhearaibh chalma, ródha a throid ar son na dúthaighe.

laochras: *f.1.* ródhacht, calmacht, léidmheacht. Budh mhór an laochas do éirghe aníos as na trínsidhibh i gcorp teine agus órdughadh do thabhairt dá chuid fear an namhaid d'ionsaighe leis an mbeaignit: misneach thar na beartaibh: calmacht sheasamhach in aghaidh conntabhairte dho féin.

laochta: (**laochda**) *a. n-dh.* ródha, calma, buan-ghaisceamhail. Saighdiúiridhe laochta nár staon i gcath dá thréine dá mhéid bhreise a bhíodh ghá dtuargaint: nár theip a misneach ná a bhfonn troda ortha. Coimheascar laochta ón dá thaobh gan órdlach do stríocadh dá chéile i gcoscairt mharbhthaigh: gan time, gan lagughadh. Dá luighead d'fhear é cuireann sé chun gach aonnidh do dhéanamh go laochta: lán-fhearamhail, ródha.

laogh: *f.1.* gamhain, focal ceana. Beithidheach ann-laoigh (ionlaoigh) .i. go mbíonn laogh ar iomchar aice. Níl aon duine mar laogh na bléinean .i. do leanbh féin is giorra dhuit. Mo laogh liom thu, ná goil: a chroidhe deóil: a mhúirnín mo chléibhe. Laogh biadhta .i. laogh méise .i. a gheibheas biadh láimhe. Sin fear gur deacair salann do chur ar laogh dho .i. duine gur beart chruaidh é do mhealladh i margadh, nó scéal bréagach do chur 'n-a fhírinne air. Ní sleamhain laogh ná ligheann a mháthair .i. ná bíonn i bhfochair a mháthar chun a hólta. Laogh deóil: gamhain do fágtar fé n-a mháthair. Laoighfheóil: feóil ghamhna óig. Tá do mhac 'n-a laogh biadhta agat .i. 'n-a pheata críochnuighthe. Míol mór a's a laogh .i. an míol mór óg.

laoidh: *b.2.* dán innste eachtra, duain, dán. "Laoidh na Mná Móire thar lear", "Laoidh Oisín ar thír na n-óg", "Laoidh Mhná Mheargaigh", etc.: dánta fada a innseas eachtra. Laoidh ná leitir ní tháinig uaidh ar feadh fiche bliadhain .i. "scéal ná duain": cunntas scríobhtha ar bith. Ar chualais laoidh an luin?: a ghlór ceólmhar. Ar dhearcadh laoidhe dhóibh chuadar ag ól: b'é críoch na mbeart aca é. Má tá do laoidh canta agat, leig dom-sa focal do rádh: deireadh ráidhte agat. Éist lé n-a laoidh chumainn .i. an plámás go léir ag súil lé rud.

laoidheadh: *f.* (*-idhte*) do spriogadh, spochaireacht; “do chur chuige”; gríosadh. Ag laoidheadh orm do bhí sé fé mar bhíos ag dul chun muinnteardhais leis gur chaitheas é do mholadh: ghom spriogadh, ghom chur chun feirge. Mara mbeadh an iomad laoidhte do dhéanamh air d’fhanfadh sé macánta: an iomad gríosuighthe: an iomad cur chuige.

laoidhim: *b. n-a.* spriogaim, gríosaim, cuirim ar. Laoidheadh rómhór air a’s an iomad ’n-a choinnibh gur thairng sé an scian ortha: spriogadh.

lapa: *f.4.* cos ainmhidhe ceathair-chosach go mbeadh crobh uirthe mar atá madra, coinín etc., crobh iadhta éin mar gé nó lacha, cos nó lámh mhór, liopa; lámhóid mar bíonn ar iascaibh ar nós an róin. Sín chugham do lapa go gcroithfead í (i ngreann): do lámh. Ní fuláir nó budh dhiail an neart a bhí ann ar na lapaidhe lámh a bhí air: lámha móra, leathana. Cár féidir bróga d’fhagháil do ar na lapaidhe cos atá air: pasúir! cosa fada, liocuighthe, leathana. Ní fhéadfadh sé stroilleamhaint, ghreamóchadh sé in aon áit ar na lapaidhe atá air: cosa leathana. D’fhágadar rian a lapaidhe ort: ghoirtigheadar tu. Nách mór an mheabhraidheacht do rón é gur féidir a mhúineadh dho a lapaidhe tosaigh do ghreadadh ar a chéile díreach mar néann an duine, bualadh bas: na liopaidhe tosaigh. Chuir cath éigin a lapa annso .i. do lait duine éigin é trí bhaint leis. Ní fhéadfadh sé leis, dálta an scéil, gan a lapa do bheith i ngach rud a bhíos ar siubhal: baint nó cur isteach gan bhuannacht ar rud. Dá bhfaigheadh sé lapa treasna an phuis níor lán-díoghbháil é: buille leis an láimh oscailte.

lapach: *a.* liopach, sciathánach ar nós an éisc; lámhthútach, costhútach. Iasc lapach rón .i. bíonn liopaidhe fé thíos chun a ghluaiste. Éan lapach an gé, ní headh an dreoilín: crobh-iadhta. Aonne níos lapaighe ’ná thu ag cur chun ruda a dhéanamh ní fheaca i láthair mo mharthaine: is tuathalaighe neamh-dheas-lámhthaighe. Cuir níos neamhlapaighe chun an ghunna do bheartughadh nó ní dhéanfair saighdiúir maith choidhche: níos neamhthuthalaighe. Bhí muinntir mo mháthar go léir lapach: cosa liocuighthe ortha.

lapadáil: *b.3.* láimhseáil thútach, aindeis, ag siubhal trí imeall uisce; lútáil; ag gluaiseacht go mall; oibriguhadh neamhshlachtmhar; streallghail leis na crobhannaibh. Ná leig don madra san bheith ag lapadáil ort nó saileóchaidh sé do chuid éadaigh: lútáil: ag cuimilt a lapaidhe dhíot. Níl ann anois ach bheith ag lapadáil, tá a lúth ’sa luadar imthighthe: ag corruighe na gcos go duaibhseamhail, aindeis. B’fhada ó bháthadh déarfá an té ná raibh ach ag lapadáil in imeall ná dtonn: gabháil trí uisce thanaidhe de shiubhal. Ní saoirseacht í sin ach lapadáil: abláil oibre. Ag lapadáil tímcheall an tighe: gíocáil: do dhéanamh mionrudaidhe go mall, míothapaidh. Bí ag lapadáil rómham, tiocfad-sa suas leat: ag gluaiseacht go réidh. Ag lapadáil linn cois cloiche: ag rámhaidheacht go mall: basadghal. Budh ghránda an lapadáil do fuair an t-ím ón gcat: é do bheith ag imirt a lapaidhe air gur lait a’s gur shailigh é. Sa lapadáil do sháidh sé a lámh im phóca a’s ghoid a raibh ann: ar mbeith dho ag cur a lámh ar mo chuid éadaigh.

lapadán: *f.1.* iasc liopach, go mbíonn lapaidhe nó liopaidhe air thíos fé nó ar a thaobh chun a ghluaiste tríd an uisce, duine tútach, neamhscaoilte; duine a shiubhalas ar nós na lachan. Maidir lé coisidhe dhe níl ionat ach lapadán lathaighe ar a ghualainn siúd: trathanálaidhe, duine aindeis-shiubhlach .i. ná tógann céimeanna córacha. Éist annsan, ní

cuimhin leat in ao'chor é, cad a bhí ionat ach lapadán úrláir ar an am gcéadna: lámhancánaidhe: leanbh ag ionshnámh ar a dhearnachaibh 'sa chosaibh. Ní fheadair connus breith ar chasúr ná ar liaghan, níl ann ach lapadán: saor liobarnach, neamhshlachtmhar.

lapadghail: *b.3.* lútáil, basadghail; siubhal in uisce thanaidhe; cuimilt lámh a's bhas gan iarraidh. Is beag é mo chuid snámha, tá lapadghail éigin agam ámhthach: is féidir liom me féin d'ionfairt a's d'iomlosc in imeall uisce gan dul thar m'aoirde. An lapadghail go léir atá ar an ngadhairín lé háthas tú d'fhilleadh abhaile: lútáil: ag léimeadh ort 'sag bualadh a lapaidhe ort. Thugas fé ndeara go raibh drochfhuadar fé ar an lapadghail tímcheall mo phócaidhe a bhí air: an bhasadghail: an ionfairt 'san snámhacán lé n-a lámhaibh. Nách mór do goirtigheadh é ná fuil aon lapadghail shiubhail fós aige: aon tsaghas iarrachta air. Féach an bhféadfá aon lapadghail in ao'chor do dhéanamh .i. aon tsaghas corruighthe siubhail. An choisidheacht ag tréigean anois orm, níl ach a rádh go mbím ag lapadghail: ag ionshnámh liom go duaibhseamhail. Tóg do lámha den iasc a's ná bí ag lapadghail air, an amhlaidh do theastuigheann uait é do lot?: ghá ionnramháil thar ceart lé bheith ag breith air a's ghá shuathadh: bheith ag útamáil gan deallramh leis.

lapadálaidhe: *f.4.* ablálaidhe, gíotálaidhe, giúrnálaidhe, útamálaidhe; duine a chuireas go haindeis tuathalach roimis aon rud do dhéanamh; ionfartálaidhe. Is mío-shlachtmhar an lapadálaidhe lé peann me: duine neamhghasta. Cad air go dtugann tú rámhaidhe, lapadálaidhe a thugaim-se air: ablálaidhe: rámhaidhe gan líomhthacht. Féach, mar imthigheann gach aonnidh as a dhorn uaidh, nách é an lapadálaidhe é: duine liobarnach, neamhchruinn lé n-a ghéagaibh. Pé meas atá agat-sa air sin, ní haon droch-lapadálaidhe oibre é .i. tuiteann obair leis dá neamhshlachtmhaire do chuireann chúiche. Féach a shailiche d'fhág sí na háraistidhe tréis a nighte, an lapadálaidhe cailín sin: cailín neamhchúramach, neamhghasta. Choidhche ní shroichfidh na lapadálaidhthe sin cuan ná caladh-phort: daoine aindeise chun báid d'ionnramháil. Tóg do lámha díom, a lapadálaidhe: duine a bhíos ghod láimhsiughadh in aghaidh do thola. Dá mbuaileadh dathad míle duine leis theastóchadh uaidh breith ar láimh ortha, a's "mo ghrádh" a's "mo laogh" do bheith aige leó, an lapadálaidhe plámásach: ionfartálaidhe: duine a bhíos ag brughadh muinnteardhais ort a's gan é uait.

lapadálaim: *b.a.* buailim a's cuimlim mo lámha air; stríocaim liom go mall, righin. Lapadáil leat ar do dhícheall i gcoinnibh an aoird, tá ualach róthrom ort: tairng leat chómh maith a's d'fhéadfair. Lapadáil an rón aníos as an uisce ar an gcarraig: d'ionshnámh sé leis go mall lé cabhair a liopaidhe 'sa earbaill. Tá mo chuid éadaigh go léir salach, barcach san áit gur lapadáil an madra me: gur chuimil a lapaidhe dhíom.

lapóg: *b.2.* laipín, liopán, sciatháinín (éisc); eiteán; bean chos-liocuighthe. Na lapóga cos atá uirthe budh dhóigh leat gur lacha í: cosa beaga a chuirfeadh lapán i gcuimhne dhuit i gcómhnáird lé n-a toirt. Lapóga maithe, móra ar an rón amuigh ge n-a thosach a choimeádas in ionannas 'n-a sheasamh san uisce é: laipínidhe: lámhóididhe oireamhnach chun snámha. Nuair bhíteá ag imtheacht id lapóigín ar fuaid an tighe is cuimhin liom é: leinbhín go guagach d'iarraidh siubhal. An coileán, nách é an lapóg é: ruidín beag ag

gluaiseacht go haindeis ar a chosaibh. Lapóg mhná gur b'é a dícheall an staighre anáirde do chur di: aindeis ar chosaibh pasúracha.

laprachán: *f.1.* lámhancánaidhe; duine gan líomhthacht ná scaoilteacht chun oibre; dútálaidhe; tuathalán. Fásan (fág san), a lapracháin, ní bheinn ag féachaint ort ag útamáil leis an nglas san: duine go méireannaibh liobarnacha. Mo thruagh í, í féin 'sa triúr laprachán leanbh: leanbhaidhe ná fuil ionta ach siubhal. Ní bheadh aon chao agat air gan leigeant dóibh tuiteam uait, a lapracháin .i. a bheireas go liobarnach, neamhghasta ar rud. Laprachán capaill fé thrucaill nó fé chéachda seadh é: cómhgarach 'n-a shiubhal: gan líomhthacht tógaint glan cos ann. Laprachán ar muir a's ar tír thu: neamhanamamhail, neamhphraitineamhail. Ó bheith suidhte ar na tochtaidhibh oidhcheannta fada geimhridh a's gan slighe chorruighthe againn bhímís 'n-ár lapracháin ar maidin: ár gcuirp stanncuighthe: ár gcnámha calcuighthe. Nách breágh nár chuir sé a lámha ar aon rud riamh nár lait sé, an laprachán: an t-útamálaidhe.

lár: *f.1.* meádhon, com, an talamh fén gcois. Chuaidh an t-ainmhidhe ar lár sa bhféith: shúngcáil sé. Raghfar ar lár ann, tá sé chómh bog san: d'imtheófá tríd síos. Fé láthair tá an Fhrainnc ar lár: claoidhte, fé chois maidir lé bheith i ndán catha do chur. Is fada bhí an tír sin ar lár ach tá sí ag teacht chúiche féin lé tamall: síos: siar: chun deireadh. Táim ar lár agat léd chárta: tá buaidhte agat orm. Tá sé breis a's bliadhain ar lár, nár chualaís é?: marbh. Chuir an t-iomarascálaidhe eile ar lár trí huaire é, ach d'éirigh airís: do threascair é. Tá an choill ar fad ar lár: na crainn go léir leagtha. Leagadh an calán a's d'imthigh a raibh ann fé lár: ar fuaid na háite 'n-a thimcheall. Scaoileadh na saighdiúiridhe gabhtha fé lár: lámhachadh marbh iad. Buaileadh féin lár me: isteach cruinn díreach sa bholg. Tugtar lár do: leagtar é, nó tugtar an t-ionad meádhon do. An chuid is fearr de atá agat an lár: an croidhe. Ní fhéadfadh an talamh san bheith ar malairt slighe ach go holc, is fada dhá leigeant ar lár é: faillighe dhá thabhairt ann. D'éirigh as lár a chuirp lé cuthach a's d'ionsaidh clé a's deas iad: lé n-a lán-neart. Déarfainn go bhfuil an lár bainte agaibh as an obair: an chuid is mó nó is tábhachtaighe dhi. Nuair chuala sé cad bhí déanta air d'éirigh sé ó lár: "anáirde díreach": tháinig fonn díoghaltais ar an dtoirt air. Leagadh go lár é: chun talmhan: treascaradh é. Chuir an deoch go lár é: ar meisce sa tslighe a's gur baineadh dá threóir é. I lár mo chléibhe táim cráidhte clipighthe gen saoghal anródhach atá agam: istigh im chroidhe. Budh neamheaglach é agus gníomh chomh dána do dhéanamh i lár an lae ghléigil, ghil .i. i solas an tsaoghail mhóir. Léan id lár! maran mé atá curtha trí chéile agat: míorath ort! I lár mo smaointe cé bhuailfeadh chugham mar bheadh an nimh ar an aithne ach an té go rabhas ag cuimhneamh air: a's mé ag smaoineamh go doimhin. I lár ár gcoda oibre iarradh orainn stad: 'n-a meádhon istigh: a's sinn ag gabháil di ar dalladh. Dá olcas a bhfuil curtha dhíot agat ní haonnidh bhreis ar a bhfuil rómhat, nílir 'n-a lár fós .i. san gcuid is deacra nó is muirearaighe. Ghaibh sé trím lár an íde ghránda do thugadar ar gach rud budh ghleóidhte a's budh cheardamhla dá raibh agam: ghoin sé go hae me. Ná bíodh aon lúb ar lár id chuid oibre nó brisfidh an saoiste thu, tá sé lán-cháiréiseach gach rud do bheith i gceart agus in iomláin: aon rud in easnamh. Críochnuigh na ráidhte seo go bhfuil focail ar lár ionta: in easnamh ortha. Pé rud a dhéanfair ná leig ar lár me, seasaimh im chabhair: ná meath orm: ná leig fé chois me. Mo lán-chómhairle dhuit anois, agus mise atá ar mhaithe leat, gur b'é lár do leasa luighe ar do leabaidh sara dtéighidh an slaghdán san greamuighthe ionat: do bhail ar fad:

an rud is mó a raghadh chun do shochair. I lár gach achrainn a ghreaindighe: sáidhte go doimhin ann. B'é corp lár an chirt do bheith agat chuige eiteachas in aghaidh eiteachais do thabhairt do: an ceart a's an chóir gan aon agó. Ghabhamair lár baill an tsáipéil suas: cómhfaid ó gach taobh. Is fada fós ó lár slighe sinn: leath bealaigh. Níor chaith sé aon ghealarsaidhe riamh ach téadán ruadh fé n-a lár aniar: tímcheall a choim aniar. Mise fear láir an triúir .i. go raibh duine aca ar gach taobh díom. "Tairngidh ó chéile é", arsa fear lár an tsúsa: an té a bhí i lár na leapan a's budh chuma mar bheadh a chuid den shúsa aige, pé tarrac do gheobhadh sé. Cuireadh ar lár mo dhroma san abhainn me: ar fleasc: sínte amach ar m'fhaid a's ar mo lithead. I lár an tsaoghail uile go léir istigh nách breágh chaithfir ceann do dhéanamh díot féin seachas aonne eile chídhir id thímcheall: i gcómhnáird leis gach aonne eile. Táimid lár bágha, mo thuairm .i. leath slighe: i lár bóchna. Bhíomair amach go hárd ar lár bagha ó thalamh: go maith chun na farraige. Caithfir slighe éigin eile mhaireachtana do tharrac chughat, tá do sheanchleasa ar lár: neamhoireamhnach: tá a lá thart. Ná leigtear an ceól breágh san ar lár, buailtear cos air: 'n-a roithleach: gan áis do bhaint as. Thugas lár do dá láidre é: threascras é. Ní fuláir do bhí bhur líonta curtha agaibh i gceart-lár an éisc ar an méid do thógabhair: ins an áit dob iomadamhla é. Thána i lár na babhtála a's rinneas réidhteach eatartha: nuair bhí an t-imreas in aoirde láin eatartha. Mo ghradhain lém lár é, budh ghránda an íde d'imthigh air: truagh a's taise istigh im chroidhe agam do. Dheinis lár an donais ort féin lé hólachán: do dhíoghbháil ar fad: an rud budh mheasa dob fhéidir leat. Ní bheadh sé sásta lé haonnidh gan teacht 'n-a lár .i. an chuid is fearr de do bheith aige. Sin é díreach é, tair 'n-a lár chúcha: tabhair fén gcuid is fearr nó is treise aca ar dtúis. D'imthigh sé síos go lár na hÉireann: isteach fén ndúthaigh. Bhuail an t-iasc an líon láir .i. an líon budh shia ó dhá cheann na sraithe. San lár san ó thuaidh .i. an slios talmhan nó an bhágh fharraige a luigheas sa treó san. Stadadh an imirt i lár báire nuair thosnuigh na fóirne ar achrann: tímcheall leath na himeartha déanta. Cuir a thuilleadh barrachta (seimint) sa lár san .i. san áit sin atá lag. Is fearr filleadh i lár átha ná bheith báidhte .i. cúladh ón mbaoghal in ionad do bheith dána air. I lár an tsúgraidh is córa a stad .i. ní fearr biadh ná ciall: meónaidheacht leis an uile rud.

lasadh: *f.* (*-sta*) solas do thabhairt, bladhmadh, dóghadh, luisne, díoghrais, aoirde datha na fola; an dúilidheacht san nádúir a dheineas rudaidhe soiléir. Ná bí ar lasadh chugham, cá bhfuil do chúis orm?: ná bí ag éirghe chun feirge chugham. An fharraige, faid mo radhairc i ngach treó, ar lasadh le hiasc: í ar n-a corruighe lé n-a iomadamhlacht. Na spéartha a's an mhuir ar lasadh .i. anfa uathbhásach. Ná cuir puinn bráige air mar is furaiste leis lasadh: cochall a's fearg do theacht air. Lasadh breágh, subháilceach gen dteine: bladhmadh: solas a's dóghadh. Ar an lasadh a bhí suas 'n-a ghruadh déarfainn go raibh braon maith caithte .i. dath an chaoir dheirg 'n-a chneas. An lasadh a tháinig 'n-a shúil nuair labhradh borb leis: an anamamhlacht bheódha a tháinig 'n-a radharc. Tháinig lasadh náire ann nuair casadh leis gur ith sé cuid na ndaoine eile: d'éirigh an fhuil suas 'n-a cheannaghthaibh. Oidhche go raibh liathróid mhaith seaca ann a's na réilthínidhe ar lasadh: go soillseach, solasmhar. Bhí an tigh ar dearg-lasadh ge n-a raibh de choinnlibh ann: solas mór, láidir dhá thabhairt aca. Ná bí ag lasadh in ao'chor, ná bí chómh támáilte sin: luisne do theacht ionat. Tá an dúthaigh ar lasadh chun a cosanta: na daoine éirighthe. Ar an lasadh atá 'n-a phluc déarfá gur b'í an ruaidhe atá air: gléas lé deirgeacht a's at.

lasaim: *b.a. 7 n-a.* adhnaim, dóghaim, tugaim solas, bladhmaim, atáim, luisnighim, taidhbhsighim; cuirim trí theine. Do las sé chugham gan aon spochaireacht do dhéanamh air go raibh sé i rachtaibh dul im mhuineál: d'éirigh a chochall: ghaibh fearg é. Las an t-iasc ó thóin ceann an chuain: d'éirigh sé ar barra 'n-a ráthannaibh móra, troma. Do las an oidhche aniar dtuaidh chómh tréan a's gur bh'éigean dúinn teicheadh i dtalamh: shéid sí 'n-a stroim fhíochmhair. Las an chos go raibh sí n-a mála: d'at a's bhorr sí. "Óir lasfaidh tú mo choinneal, soillseóchaidh mo Thighearna Dia mo dhoircheadas" (Sailm XVIII. 28): tabharfair eolas dom. Do las a súile lé háthas nuair chonnaic sí a searc ag teacht: d'fhoillsigheadar áthas: tháinig glinneamhaint áthais ionta. Níor las seisean riamh lé náire ná é ann: níor chorruigh an fhuil riamh 'n-a cheannaghthaibh lé corruighe ná náire. Do las an cruinniughadh lé gríosadh a chainnte: bhíodhg an spirid ionta: corruigheadh an fhuil chun gnímh ionta. Las an phíp, an teine, an lóchrann, solas, etc.

lasair: *b.5.* bladhm. Sin teine go bhfuil lasair aice: bladhm dearg ag éirghe aiste. Thuit lasán san íle a's chuaidh an tigh trí bharr lasrach ar an dtoirt: d'imthigh teine tríd. An oiread san soillse i ngach seómra go raibh an tigh fé bharr lasrach: soillsighthe go hiontach. Leis an siubhal do bhí fén gcapall do bhíodh lasracha teintrighe dá bhaint as chlochaibh an bhóthair aige: teine chreasa. An buille do tugadh do idir an dá shúil bhain sé lasracha as: chuir sé "réilthínidhe" ar an radharc aige. Ag dóghadh go síorraidhe i lasrachaibh ifrinn: bladhmanna mora teódha teineadh. Nuair chídhtear fuadar mór le rud deirtear, "sin lasracha!"

lasán: *f.1.* duine go n-éirigheann a chuid feirge ar a luighead cúise; blúirín adhmaid nó trilis geire a's ruibh 'n-a bharr; bladhm feirge; ríog. Nách é an lasán é a thógann gach aonnidh i ndáiríribh: duine tógálach, beirbhthe, gan faidteadhalaighe ar bith. Is baoghalach go raghaidh an teine in éag, níl aon lasán innte: lasadh beag, lag. Tagann lasán feirge air ar a luighead cúise: bladhmann sé gan aon adhbhar. T'r'om lasán go ndearguighead mo phíp: cipín solais.

lasánta: *a. n-dh.* te, teasaidhe, soifheirg. Bhí sé an-lasánta, ní raibh aon fhulang grinn ná seóidh ann: b'fhuraiste leis rud do thógaint ar dhuine. Budh mhaith an cainnteóir é mara mbeadh é do labhairt chómh lasánta: teasaidhe: an iomad fonn air bheith tógálach nó gan faidteadhalaighe a's foidhne do bheith ann. Capall lasánta nár mhór duit bheith an-aireach air .i. a thógfadh sceit go tapaidh. Bíodh breis den bhfoidhne agat, cad tá ort go bhfuilir chómh lasánta indiu: soifheirge: furaiste tu do chorruighe. Laetheanta bíonn sé lasánta má thagann aon rud treasna air nuair bhíonn sé cúramach, broideamhail: colgach. Ní fhanfadh san leat as so go dtín doras, tá sé chómh lasánta san nuair théigheann aon rud sa cheann aige: deacair do choimeád i dteidhmint.

lasántacht: *b.3.* soifheirge, so-chorruightheacht, soi-ghriogthacht. Lé lasántacht an duine níor bheag air méar do dheimhniughadh air nuair éireóchadh chughat go colgach: a fhuraiste fearg do chur air: teasaidheacht. Budh mhaith an bhail ort ná fuil aon lasántacht ag baint leis ar ar thugais do ghearr-aighneas do: ná fuil sé furaiste a chur chun seaghamtha: cochall do chur air. Ná cuir aon nath san ngal san a tháinig air, níl annsan ach lasántacht leathuaire: éirghe obann mianaigh. Níl sé oireamhnach in ao'chor d'aon

ionad go mbeadh conbharsáid daoine trí ghnóth air lé n-a lasántacht, dá dtéigheadh aon rud mí-cheart: a fhusaide a bhriseann ar foidhne aige a's go dtagann olc air.

lasardha: *a. n-dh.* bladhmach, soillseach, solasmhar, gluardha, loiscneach, fíochmhar. Tá teine lasardha léd chliathán, ní hiongadh teasbach ort, ní hionann tú a's an té a bhíos amuigh gan teas ná teine: bladhmanach, deirgeacht a's teódhacht innte. Chídhfeá frigh leis an solas lasardha a bhí ann: lánshoillseach. Radharc lasardha an chathair fé n-a soillsibh uait síos ó thaobh an chnuic: lonnardha. Ina dhiaidh san do bhí an t-aithreachas air gur labhair sé chómh lasardha thar mar budh ghábhadh dho nuair bhris ar a fhoidhne: chómh te, buileamhail.

lasardhacht: *b.3.* soillseacht, gluardhacht, solasmhaireacht, fíochmhaireacht. Bíonn an iomad lasardhachta 'n-a chuid cainnte a's téigheann go rómhinic thar teórainn ag cáineadh dhuine: fíochmhaireacht: teasaidheacht thar meón. Bhí an cuan ar fad fé bharr lasardhachta ge soillsibh na n-áthrach cogaidh: in aon bhladhm mhór ghléigeal solais. Seachain an teine níor bhfhada an mhoill uirthe tu do dhóghadh lé n-a lasardhacht: a teodhacht 'sa deirgeacht.

lasc: *b.2.* slta, laisc nó iall go mbíonn lámh aiste chun buailte a's gríosuighthe. Tugadh an lasc sa drom nochtuighthe dho ar bórd luinge: stiallálad é. A gharsúin, gheobhair-se an lasc as bheith déidheannach: buailfear thu. Sin é uair a bhí lasc a namhad ag luighe go trom air nuair nár leis féin a fhagháltas ach ó indiu go dtí ambáireach: an gall-smacht: an luighe trom.

lasca: *f.4.* an síoma nó an teóra ó bhonn go brághaid na coise mar a mbíonn uachtar na bróige fuaighte; speach, poc, buille lé barra na coise (bróige). Ní maith iad lascaidhe scaoilte .i. an snáithín do bheith tugtha san uachtar idir an taobh thiar 'san taobh amuigh. Thug sé lasca don bpeil gur chómhchlos ar fuaid na páirce an fhuaim do bhain sé aiste: speach, poc: buille lé barr na bróige. Is maith do theastóchadh lasca nó dhó ón bhfeillebhleaigeárd san atá ag tarrac bruighne: .i. "barra na bróige" do thabhairt do. Lascaidhe fliucha ní ghrádhaim iad: bróga a bhíos ag tarrac uisce i síomaidhibh an uachtair. Droich-imirtheóir seadh é, ní bhfuair sé aon lasca ó shoin ar an gcaid: stiall: buille: poc. Dá mbeadh lasca fachta i gcnámh na lurgan agat bheadh a fhios agat cad é an rud piniús: buille bróige. Chuir sé trí lascaidhe abhaile bonn ar bonn: chuir sé báire nó cúilín isteach le gach speach.

lasadh: *f.* (*-ctha*) bualadh, smísteáil, stialladh (stialláil); greadadh (siubhail); búrdáil; súisteáil, liúdráil. Go dtí lé déidheannaighe gheibhidís lasadh i gcabhlaigh Shasana dá bhfaightí cionntach in aonnidh as an slighe iad: a mbúrdáil lé lasc nó lé téadán. An tsrón fhiadhain talmhan san do chuireann farraige san aer nuair bhíonn stoirmeacha an gheimhridh ghá lasadh: ghá liúdráil: ghá stialladh. Fuair sé lasadh maith lé bliadhantaibh anois ón saoghal, cailleadh mórán stuic air: deineadh dochar mór do. Is diall go léir an lasadh atá fén ngluaisteán san, an smúit atá dhá chur san aer aice. Gheobhair-se do lasadh ó dhuine éigin go gcuimhneóchair air mara n-iomcharuighir thu féin: do bhúrdáil smachtuighthe. Bí ag lasadh leat, ná dein stad ná faillighe: ag greadadh leat ar aghaidh.

lascáil: *b.3.* bualadh, speachadh, búrdáil, liúdrail; stialláil. Fuair sé a lascáil go maith ó thriúr aca, níl cnámh 'n-a chorp ná fuil tinn: a smísteáil. Ná tabhair lascáil don mhadra bhocht: é do bhualadh leis an mbróig. Thárlaidh lascáil throm, thapaidh ar an bpeil i mbéal an bháire, níor coigleadh bróga air: buaileadh go teann, minic, tapaidh í: liúdráil thiugh, the. Níor leath-nath liom mo dhóirneáil ach mo lascáil d'fhagháil: an "bhróg" d'fhagháil.

lascaim: *b.a. 7 n-a.* buailim le lasc; liúdrálaim, stiallálaim, greadaim liom. Do lasc sé leis an capall ar a dhícheall: thug sé fuip do. Lascadh sa bholg me: buaileadh lé bróig ann me. Do lasc an fhraoch-fharraige ó shnaidhmin go fosta an long a's do shuaidh í: stialláil í: bhuail go fíochmhar teann í. Lasc leat ar an bhfuadar atá fút: gread leat chómh tapaidh a's d'fhéadfair. Seachain thu féin ar dheireadh an chapaill sin do lascfadh sé go tapaidh thu: do speachfadh. Ní 'n-a bonn in ao'chor do scaoil sí ach san áit gur lascadh í: gur fuaghadh dhá chuid an uachtair lé chéile. Do lasc sé le bata sa leath-cheann me: léas: bhuail go cruaidh, trom.

lascain: *b.2.* foithin; dídean; faoiseamh, laghdughadh, lacáiste, socracht. Thug an fhaill árd lascain dhúinn ón gcamaghaothach a's bhíomair ó bhaoghal: fothain. Tá gach aon dul go n-éireóchaidh sé, tá breis lascaine ón mbreóidhtigh aige: faoiseamh: bogadh. Fuair sé lascain mhór sa chíos púnt fén mbuin: lacáiste: laghdughadh díolta. Níor tugadh aon lascain dhom ach ag gabháil díom gan stad: níor sosadh de bheith ag gabháil orm.

lasaire: *f.4.* scafaire, faraire, fear cruaidh, láidir. Lasaire súgach é siúd gur bhreágh liom bheith 'n-a chonbharsáid a's 'n-a gcuideachtain: duine scléipeach. Lasaire teann, láidir gan beann ar fhuacht ná ar anródh aige: duine bríoghmhar, ceólmhar.

lascálaidhe: *f.4.* buailteoir, duine go mbíonn speach nó poc mhaith aige. Ar chródh na himeartha ní raibh aon lascálaidhe budh shia ná budh ghonta poc 'ná é: buailteóir. Is breágh, bríoghmhar an lascálaidhe é ag úrlaidheacht: buailteoir acfuinneach, fuinneamhail. Capall conntabharthach seadh lascálaidhe malluighthe: capall a speachas .i. a thógas a dheireadh. Lascálaidhe fada é: cuireann sé an pheil tamall maith lé poc.

lascálaim: *b.a.* buailm le lasc, buailim go cealgánta, speachaim, peacaim. Ceangladh de chrann an áthraigh é a's lascáladh ó thalamh a dhrom nochtuighthe: fuair sé stiall ar stiall lé lasc nó lé téadán. Lascáladh ó thalamh sa bhruighin é: fuair tuargaint a's bualadh trom. Tá dhá thaobh an chogaidh lascálta go maith ge n-a chéile anois: tuarnálta: buailte, gonta, suaidhte go croidhe.

lasmhar: *a.* soillseach, lonnrach, deallrach, bladhmach, léasmhar. Nách lasmhar atá réilthín an tráthnóna, budh dhóigh leat go mbeadh spréacharnach ag teacht as: ag rinnce lé solas. Móin lasmhar í sin, ní fada bheidh sí ag glacadh na teine: so-lasta. Teine bhreágh, sheascair, lasmhar againn oidhche gheimhridh gur gheall lé leath bídh í: solas ag teacht uaithe maidir lé teas. An cómhartha maith ar an ngréin í do bheith chómh lasmhar: budh dhóigh leat gur chaor teineadh í: gluardha: léasta. Beidh an tigh go lasmhar ge n-a bhfuil de choinnlibh ag dóghadh: geal lé solas.

lasóg: *b.2.* teine bheag, lasán, bladhm bheag. Lasóigín gen gcoinnil ná féadfá léigheamh léi: lasair bheag, lag. Faigh lasóg dom go lasadh mo phíp: cipín solais. Dheinimís, leanbhaidhe, lasóga cois claidhe nuair bhímís ag aodhaireacht tréis scoile agus is minic do bheirbhighimís luthóg (phrátaidhe) ortha: teinteacha beaga lé cipínidhibh as préachaibh sceach a's aitinn. Is beag an lasóg a thabharfadh an lóchrann uaidh nuair raghadh duine amugha sa doircheacht gan é. Imtheóchaidh an néal san de, níl ann ach lasóg: taom beag feirge.

lasrach: *a.* bladhmach, lasánta. Sin teine lasrach a's cnagairt aice: bladhmnach. Duine neamhfhoidhneach, lasrach gur róghearr an mhoill air tú do phleanncadh: lasánta: miteolach.

lasrach: *b.2.* bladhm mhór, bladhmsach. Roinneann guth an Tighearna lasracha na teineadh: na teangthacha a éirigheas aiste. Lasrach an domhain ar an scamall ar dhul fé na gréine: dath croidhearg, dearg ó sholas na gréine. Beidh lasracha gen dteine seo ar an thap: cnagairt aice lé teas a's bladhm.

last: *f.3.* ualach (áthraigh); lucht; faradh; cuid mhór. Last guail (fíona, etc.): lón luinge. Chonnac ag tabhairt na gcor an tsráid aníos é d'aithnigheas go raibh last mór (dighe) ar bórd aige: cuid mhór. Lastanna móra caorach ar an margadh: scataidhe. Lastaidhe adhmaid dhá chaitheamh i dtalamh: mórchuid de n-a scabhataidhibh. Last ime: cnapán mór groidhe.

lasta: *a.r.* atuighthe, borrtha, dóighte, curtha trí theine; éirighthe chun feirge; deargtha. Cos an-lasta í, tá drochfhuadar ceart fé: borrtha, dearg. An aghaidh lasta atá air ag digh: dearg suas ar fad. An fharraige go léir lasta lé hiasc: corruighthe, éirighthe ar barra. Bhíodar lasta chun a chéile a's ag spochaireacht bhruighne ar a chéile: an fhuil éirighthe in uachtar uchta aca. Anois do gheóbham uaidh é, tá sé lasta suas chun aighnis: a cochall éirighthe. Gaoth ná grian nár lasaidh orm-sa má leigim mo bhuille leat .i. marbh go rabhad. Las an fhuil uasal ann nuair tugadh easonóir do agus thairng troid d'aonne a bhí láithreach: corruigheadh í chun díoghaltais.

lastaim: *b.a.* ualuighim, cuirim last i luing; luchtuighim; faruighim. Lastadh an long (bád etc.) go slait: faruigheadh go trom í. Bhí sé ag ól dighe gur last sé é féin go smig: gur ól oiread a's b'fhéidir leis d'iomchar.

lastálta: *a.r.* ualuighthe; faruighthe. Bíonn sé lastálta gach aon lá bhíonn sé 'n-a threó (deoch): a choisce caithte aige. An long lastálta go slait .i. oiread curtha innte a's lamhálfadh an dlighe. An trucaill lastálta lé hearraidhibh i gcóir na Nodlag: ualach mór, trom innte.

lastar: *f.1.* feircín (soitheach) ime saillte. Bhailigheadar go léir tímcheall orm go dtí go rabhas im lastar aonaigh aca .i. mar bheadh scata daoine ag blas cad é an saghas ime a bheadh ann: im chraobh aonaigh aca: im sheódh bóthair.

lastuas: *d-bh.* níos aoirde in ionad. An bhfeiceann tú an saoghal mór ag gabháil lastuas díot: ghod chur fé chois: ag bualadh boba ort. Bhíos lastuas sa chnoc de: níos sia anáirde i dtreó an mhullaigh. An bóthar lastuas an ceann is réidhe: an ceann atá ar an dtalamh is aoirde. Ghaibh an piléar lastuas díom san aer: os mo chionn. Tá sé an-lán lastuas níl aon deaghchuma air: os cionn. Níl ach éadach éadtrom lastuas ort: ar do chabhail. An té atá lastuas: Dia na glóire.

láthaim: *b.a.* cumaiscim, cómhluighim, feisighim. Do láth sé í: do chumaisc í.

láthadh: *f.* (*-thta*) cumaisc, cómhluighe. Ag láthadh a chéile cois clathach: feisiughadh.

láthair: *b.5.* fód, ionad chun aduighthe air, slighe, ionad coinne; fiadhnaise; cómhair; an tráth so. Fág! a's ná tair im láthair faid mhairir: choidhche airís ná tair im radharc: os mo chómhair: im fhiadhnaise. Dubhairt sé im láthair é, ní laistiar díom a chuaidh sé: os mo chómhair amach. A lithéid de chainnt bhuirb do rádh im láthair: lém fhiaclaibh. I láthair an tsaoghail admhuighim go bhfuil an ceart agat: dar fiadh. I láthair Dé! (dar láthair Dé!) marbhóchad tú má gheibhim greim ort gur liom do thuitfir: dar Dé: mionnuighim, etc. I láthair Dé is í an fhírinne: dearbhuighim go láidir é. I láthair na huaire ní fhéadfainn aon chabhair do thabhairt duit ach ambáireach bí ag brath orm: ar an uain atá ann. Marbhuigheadh fiche duine in aon láthair: ar an bhfód gcéadna: san áit chéadna. Ní mór an mhaitheas é i láthair fir go mbeadh an taithighe ceart aige .i. ar a chur i gcomórtas leis. Táimíd i láthair na conntabhairte ach seachnaimís sinn féin: i bhfiadhnaise: buailte léi. I láthair an domhain déarfainn an méid céadna gan aon eagla: os chómhair na coitchiantachta. Dein ar an láthair é, a's ná bíodh aon tsiar ná aniar agat leis: ar an dtoirt. Cad tá uait ar an gcapall ar an láthair go bhfuil sé?: mar tá sé: mar sheasuigheann sé. Tháinig taom obann air a's thuit sé ar an láthair (go raibh sé): ar an dtoirt gan corruighe. Connus do chuiris an scéal fé n-a láthair gur éirigh leat chómh maith: os a chómhair: a mhínighis do do chúrsa. B'fhearr liom 'ná rud maith bheith as láthair nuair chromadar ar imdheargadh a chéile: gan bheith ar an bhfód. D'fhágas an áit do láthair lé heagla mo chroidhe: go pras: ar an dtoirt. Tháinig sé do láthair Fhinn: mar a raibh Fionn. Ón láthair seo anois chómhairleóchainn duit do bheatha do leasughadh agus scur ded dhroichbheartaibh: as so amach. Téighimís i láthair na babhtála go mbeidh a fhios againn cad tá ar siubhal: mar a bhfuil rud éigin ar siubhal. Cuireadh an scéal i láthair na cúirte: os chómhair na dlighe chun a socruighthe. I láthair mo bheatha níor bhuail neach liom is neamhnáirighe 'ná é: i rith mo shaoghail ar fad. Fé láthair tá an uain an-olc ach b'fhéidir go raghadh feabhas air: ar an am so. Dá mhéid cnáimhseáin do bhíonn ar fheirmeóiridhibh i dtaobh talmhan ar ór ná ar airgead ní bhfaighfeá láthair tighe uatha: slighe áirighthe chun tógtha air. I láthair fínithe do dheinis é a's ní fhéadfá dul 'n-a chois anois: os chómhair a súl amach. B'ait an rud é ná tháinig aonne ar an láthair d'áit phoiblidhe mar é: ar an bhfód: san áit go bhfuil tagairt do. Tá sé de chuma ar an áit gur láthair é: log go raibh tigh ann. Láithreacha gainimhe seadh na claiseacha san: áiteanna mar a leagtí gainimh ann. Tair i láthair na dighe .i. mar a bhfuil sí dhá ól.

lathairt: *b.2.* trufais, dríodar, clábar; clais mhíochúmtha. An t-iasc an fhaid sin gan salann go raibh sé 'n-a lathairt: 'n-a chlais bhuig ag tosnughadh ar lobhadh. An oiread ólta aige go raibh sé 'n-a lathairt aige: 'n-a aindeiseóir gan anam, gan treóir. Cad dob áil

leat den lathairt sin? dar ndóigh níl san ábalta ar chois do chur thar an gcois eile: rud gan bhrigh gan anam. Budh cheart an dlighe do chur ar aonne a dhíolann lathairt (dighe) a chuirfeadh ag úirleacan thu: dríodar, muirt. Lathairt bheag éisc (airgid etc.) nách fiú d'ainmniughadh a bhfuil aige: ádhbhairín. Caithte 'n-a lathairt cois teineadh do thugann an straoille an lá: 'n-a shliast lán-leisceamhail.

lathaois: *b.2.* bean neamhghasta, neamhchríochnamhail. Ná bíodh aon mhilleán agat ar an lathaois bhoicht ar an locht atá uirthe, níl fios a mhalairte aice: straoill gan tionnscal. Ní bheadh do chistinn ag lathaois .i. tá sí chómh salach, neamhghasta san.

latrach: *b.2.* áit gharbh, phréachach gan réidhteach; áit aimhréidh go mbeadh gach trufais caithte ann. Latrach ghránda, mhillte de bhaile dob eadh é, tighthe a's buailteachta i mbéal dorais ge n-a chéile, gur aistrigheadh amach na daoine i dtighthibh nuadh-thógtha. Duadh a's costas talamh mín do dhéanamh den latraigh sin in am a's go mbeidh ans creathain oireamhnach lé saothrughadh: áit achrannach, fhásta. Ar chúl na dtighthe tá latrach mar a gcaithtear roithleach scan-stán a's sean iarnaidhe go bhfeicfeá tuinncéiridhe curtha fútha ann i rith an gheimhridh: talamh drabhfhuighill gan éileamh. Is dána gach madra ar a latraigh féin: i mbéal a dhorais féin. Caith amach ar an latraigh é, ná bím ag féachaint air: ar an mbán.

le: *r-fh.* Bead leat i ngach ball dá ngeóbhair, ní leigfead as mo radharc thu: it fhochair. Cé bhí leat go bhfuil fuil ort?: ag bruighean leat. Cé tá lém leanbh geal?: ag cur isteach air. Beidh bhur gcomórtas libh sa chluiche seo: ag iomaidheacht: ag dréim in bhur gcoinnibh. An té a bheadh liom bheinn leis: ag cabhradh. Nílid linn in ao'chor cé go leigid ortha gur mór aca sinn: ar ár dtaobh. Chuadar amach lé cheithre líon: mar chóir iascaigh. Lé n-a fheabhas do thairng sé a bhfuil aige: de bharr. Lé n-a olcas ní bhfaigheadh sé aonne a raghadh i gcómhar leis: de chionn. Agus é ag déanamh ar scéimh an ghleanna ní fhéadfadh sé stad leis an bhfuinneamh a bhí fé: toisc, de choinn. Tuigeadh dom leis an gclódh maith a bhí air gur bh'árd-fhear é: dréir an chlóidh. Bhíos chómh spallta san leis an dtart gur shaoileas go n-ólfainn an tsruth: ag an dtart. Chómh seirgthe sin leis an aois ná raibh ann ach a dheilbh (dealbh): de dheascaibh. Lá lé bochtanacht agus lá lé flúirse: ag tuiteam lé: a bheith ar an aiste sin. Clúduigh do bhrághaid a's ná bíodh sí leis, nó gheóbhair fuacht: nochtuighthe. Tabharfad solaoid duit leis gurb eól dom nách aon mhaith é: mar thacaidheacht lém rádh. An lá caithte agam leat: mar gheall ort: id thaobh. Inns an fhírinne a's ná bí ag cur leis: ag adughadh air. Cuir a thuilleadh leis, táir gearra: méaduigh. Mar ar chuir sé leis (aithris) ní haon rud a bhain sé dhe: áidhbhéis do dhéanamh. Má chuirir liom beidh mo dhóthain cabhrach agam: má thugair do chabhair. An t-iascaire ag cur lín lé n-a théid: ghá gcuibhreach dá chéile lé braighdín. An bhanaltra ag cur ceiridhe leis an gcneadh: ghá cóiriughadh. Ceiridhe leighis lé tón gan tinneas: buailte, socruighthe air. Nuair tugadh aghaidh an fhathaigh leis an ngréin thosnuigh an tsúil ag leigheadh ann lé n-a teas: i dtreó na gréine...ó neart an teasa. Ná caith an lasán san lé faill nuair bheidh do thoitín deargtha agat: é do chaitheamh uait. Ar nós an uisce lé fánaidh scaoil sé a chuid airgid uaidh. Nára fada go rabhair marbh a's do dhrom lé falla: taobh ar thaobh leis. Ghluais an cipe saighdiúiridhe an bóthar a's a mbratach lé gaoith: scaoilte fé n-a léith. An meisceóir, caitheann sé an lá a's a bolg lé conntabhairt aige: 'n-a choinnibh. Suidhte cois teineadh a's a bhas lé n-a leathcheann aige: buailte leis ar aiste

machtnaimh. Cos liom a's árd-thinneas innte lé seachtmhain: ceann dem chosaibh. Níor chorruigh sé cos ná lámh leis: air. Dá bhfeicfeá é ag faire orainn a's cluas le héisteacht aige d'iarraidh a fhios do bheith aige cad do bhí ar siubhal: in ionad 'sa dtreó aige. "Mise", ar seisean "cos lé siubhal, cluas lé héisteacht a's súil lé féachaint in aonfheacht": go hiongtach chun coisidheachta, éisteachta a's ar radharc. Ó ceangladh me léi níor thug sí suaimhneas uaire dhom: ó pósadh sinn. Lé luighe gréine is aoibhinn an radharc na hoileáin: ar bheith ag dul síos di. Dá mbeifeá ag gabháil de léd shaoghal aon mhaith ná tairbhe ní bhfaghfá as: ar feadh. Bhíodar ag obair lé seachtmhain: ar feadh na haimsire go dtí an tráth atá ann. An gunna dírighthe aige orm chun an ghaoth 'san ghrian do scaoileadh tríom lé n-a linn sin cnagadh an doras: ar an uain sin. Lé linn do bheith ag dul thar abhainn d'árduigh an tsruth léi é: ar an am go etc. Tá cúis agam ort, a Shéamais, agus ort-sa leis, a Sheáin: 'n-a theannta san. "Tá airgead aige, deiridh" – "tá, leis": gan aon amhras, ach dá ndéarfí – "tá, leis, a lán" d'fhéadfadh sé a chiallughadh ná beadh nó má bhí go raibh amhras trom agat ná raibh. Bhíodar ar a gcroidhe díchill agus mise leó: mise ag saothar mar iad. Tá iarraidh anois agam air lé seachtmhain. Lé buile cuirfir an rud lasánta san mara stadair dá ghriogadh: bainfir a mheabhair de. An bhfuil fear ann lé ciall cheart a fhágfadh a chuid airgid ar bóiléagar go bhféadfadh aonne gur mhaith leis é é d'árdach leis .i. go mbeadh ciall aige. Chuir sé mac aca lé dochtúireacht agus mac lé sagartóireacht: ag foghluim chun bheith 'n-a dhochtúir etc. Leigeann gach aonne tharais é sin gan aon nath do chur ann, duine le Dia é. Cé leis go bhfuil sé ag dul? níl aonne dá mhuinntir mar é: cé a tháinig roimis gur thug sé na tréithe seo uaidh? Ag dul lé n-a athair atá sé, an aradha bhreágh chéadna, an smiota gáire a's an clódh céadna: na tréithe céadna dúthchais do bheith ann. Mo thuairm go raibh rann ag dul leis an ndán san ach gur cailleadh í: mar chuid de. Labhair sé chómh milis lé mil liom: ar an milseacht chéadna. Ceann chómh dubh lé háirne uirthe: ar an nduibheacht chéadna. Táim an aimsir seo chómh díomhaoin lé bacach a chaithfeadh a mhála dhe: an díomhaointeas céadna. Mo thruagh do cheann atá chómh héadtrom lé sop: gan aon inchinn ná ciall. Dob áil leis é a's níor bh'áil leis é: a aigne mar sin. Dob fhada leis fanacht liom a's seo leis: mheas sé gur bh'fhada é, a's d'imthigh. Pé rud a deirtear laistiar de, is cuma leis ceaca: ní bhuaidhreann a aigne. Níor lugha leis an diabhal ó ifreann (an súgh) 'ná aon rud d'iarraidh air: beag-mheas a aigne air. Is fuath liom sagart gan portús: míothaithneamhach dom aigne. Is fuath liom leabhar ag tuatach: im aigne ní sásamh é. Níor dhuadh liom aon rud do dhéanamh. Níor leath liom fear bocht, dealbh a ghoidfeadh rud ach duine go raibh a dhóthain aige: ní chuirfinn an oiread suime ann ná ní bheadh oiread milleáin agam air. Níor dhóigh leat air siúd ná gur leis Éire mar ritheann sí: ní mheasfá ná gur mar sin do bheadh ós na gothaidhe atá fé. Is leat-sa tástáil anois, is í t'uain í: is ort-sa atá sé: sé do dhualgas é. Is leó-san airgead do dhéanamh anois, táim-se ghá dhéanamh fada go leór: is é a gceart é: is ortha luigheann sé, etc. Dá mbeadh sé lé moladh molfí é ach níl: dá mb'fhéidir é. Má leanann an cogadh dhe ní bheidh plúr lé fagháil chómh flúirseach agus bhí: gur féidir a ghnóthughadh. Bíonn an fhochais lé feicsint ar lag trágha: is féidir sin. Faic níl lé rádh agam: níl agam nó má tá níl a fhonn aithrise orm. Gan faic lé cloistint uatha ach cnáimhseán: sin uile a dtagann as a mbéal. Tá Dia leat a's bheith imthighthe, mar scriosfaidís thu: ar do thaobh: buidheach díot. Bheadh an lá linn dá mbeadh céad slat eile curtha dhínn againn: bheadh éirighthe linn: buaidhte againn. Ná bíodh aon truagh agat do, ith leat é: ith gan stad. Bí ag ól leat, a bhuachaill, go dtí ná beidh ort ach na ceirteacha: ag ól gan staonadh. Bead ag siubhal liom rómhat: ag

cur díom gan sos. Bí lághach leis id thigh féin: tabhair an déanamh san do. Bím leó mar bítear liom: an déanamh a tugtar dom tugaim uaim. Éireochaidh leis an bhfeirmeoir ambliadhna, tá gach aonnidh leis: beidh fóghmhar maith aige...gach rud fabhrach do. Lé troid a's ólachán atá sé ó tháinig aon chaoinlidheacht (leitriughadh foghraidheachta ar an bhfocal so) ann: tugtha dóibh ó tháinig aon ghus ann. Táir lé haer an tsaoghail ar fad indiu: imthighthe gan aon chuimse. B'fhearr liom bheith ag caitheamh chloch lé gaoith 'ná bheith ag tuilleamh uaidh: ag déanamh ruda gan tairbhe. Ag caitheamh lé chéile faid sheasaimh oiread a's urchar aca: ag lámhach. Má ritheann leis níl aon bhaoghal ná go ndéanfaidh sé fear maith fós: má bhíonn sé d'ádh air ná héireochaidh aon rud thar ceart do. Ní ritheann leis an ngadaidhe i gcómhnaidhe: ní éaluigheann sé leis an sluid. Rith leis go maith sa tsiopa san, chruach sé carnán airgid as: chuaidh sé chun cinn. Ní thagann an duine cor san le haonne: ní aontuigheann leó. An dtiocfá liom ar an méid a déarfad leat anois?: an mbeifeá ar aon inntin. Mara dtiocfaid leat, tair leó: má bhíd ag dul id choinnibh ná téighir 'n-a gcoinnibh. Luigheadar lé chéile go maith agus a rian air - do dheineadar obair mhaith: chabhradar. Luigheadar lé chéile in aon bhád amháin: chuadar a's d'fhanadar 'n-a bhfuirinn. Luigh linn a's ól eadrainn: tair 'n-ár gcuideachtain agus fan innte. Raghad leat aon lá gan aon eagla rómhat ar pé cuma is maith leat é – dórnáil, iomrascáil: raghad i gcomórtas: féachfam ceagainn is fearr. Féach leis ná leigfir smál air: tabhair t'aire dho. Éirighim-se asaibh táim cortha ó bheith ag tabhairt comhairle dhíbh réidhteach, féachaidh lé chéile anois é: tairngidh ó chéile é: socruighidh eadraibh é. Ghá fhéachaint lé chéile táimíd: ag dréim: ar thástáil a chéile. Tréis bliadhna i gcarcar do scaoileadh leis: tugadh cead a chos do. Dá mhéid piléar do scaoileadh leis níor bhuail ceann aca é: a caitheadh: rúideadh. Scaoil liom téad: bog do ghreim uirthe go dtairngead chugham í. Tá a cheann 'sa chosa dhá scaoileadh leis rófhada, is mithid cosc éigin do chur air: a thoil féin dhá thabhairt dho. Níor scaoil sé lém chárta .i. níor leig tharais é gan bualadh. Ag scaoileadh bratach lé gaoith: ag crothadh innte. Scaoil leis, tá a dhóthain ceistiúcháin déanta air: leig do imtheacht. Chas sé liom go rabhas bocht: chuir sé in iúil orm é agus a mhí-mheas mar gheall air. Is féidir leis a cheann do thógaint go hárd, níl sé lé casadh ag aonne leis go bhfuil sé feóirling i bhfiachaibh aige: ní féidir é do chaitheamh mar chúis air. Ná bac liom-sa, tá mo dhóthain agam, a bhuidhe leat: gaibh tharm. An rud ná baineann leat ná bain leis: ná fuil buannacht agat air nó ná tagann treasna ort in aon tslighe leig do. Ní raibh i leith an tighe leó ach an bheirt aca féin a's fós ní fhéadfaidís réidhteach: ina bhfochair. Gheobhainn tosach na háite sin ach níor bhacas leis: níor ghlacas é: níor chuadhas 'n-a ghoire. Duine eadránach é sin a bhíos ag bacamhaint leis gach aonne: ag cur isteach ortha gan bhuannacht ná adhbhar. Congaibh do phúnt agat féin an turus-so, níl aon ghnóth agam-sa dhe, ná bac leis: fág mar a bhfuil sé é. Ar do chluais ná bain leis nó éireóchaidh sé chugat: ná buail barra méire air: ná bíodh suas ná anuas agat leis. Bain liom go bhfeicir: ná dein ach barra méire do leagadh orm a's chídhfir cad thuitfidh amach. Riamh ní raibh aon bhaint lé poilitidheacht aige .i. lámh ná ladhar innte. Cé leis go mbainir, a gharsúin, ní aithnighim thu?: cén chinidh gur de thu? Baineann siad san lé Corcaigh: ó Chorcaigh dóibh nó ar thaobh Chorcaighe atáid. Is lé glas do bhaineann eochair: ní mór do í: is leis do théigheann sí. An té a bhíos ag baint leis an ól teangmhuigheann do: ag gabháil de: ag baint braoin as. Druid leis an dteine: tair níos giorra dhi. Óró, bog liom í, bog liom í, óró bog liom í a's druid liom í anall: cuir uirthe theacht i bhfoigse dhom. Tógadh me lé dorn grin: buaileadh me. Ná teich uaidh, druid leis: fan leis isteach i dtreó a ionsaighthe. Um an dtaca gur cuireadh amach sinn bhí sé ag

druideam lé meádhon oidhche: nách mór an t-am san. Bog liom .i. pé rud go bhfuil do ghreim air, luigheaduigh an teannadh air. Bímís ag bogadh linn: ag cur dínn as an áit 'n-a bhfuilimíd. Bog leat anois in áit éigin eile: bí ag cur díot as so, níl aon fháilte annso rómhat. Ná rith leat féin ar fad .i. tá an iomad scaothaireachta nó áidhbhéise agat. Ná beir leat go bhfuil daoine chómh hamadantamhail annso a's budh dhóigh leat: ná tuigtear duit é: ná dein talamh slán de. Déarfainn go bhfuil sé fachta ar a dhá thaobh a's ar a bholg aige, beireadh sé an méid sin leis 'n-a bhóthar: cognadh sé é: fuilngeadh sé a bhfuil ráidhte (déanta) leis. Talamh rólag é sin, ní bhéarfadh sé aon ghainimh leis .i. ní oireamhnóchadh sí é. An mbéarfadh an capall san dhá thonna leis?: an dtairngeóchadh. Cad é an méid uisce do bhéarfadh an soitheach san leis?: a raghadh ann. Beireann sé a chuid dighe go ciúin, macánta leis: iomcharann í gan achrann do dhéanamh. Seo leis idir bhás a's dhíol d'iarraidh bheith in am: d'imthigh i ndeireadh anama. Beir leat ná fuil meas madra agam-sa ar aonne agaibh: tuig é agus tóg id cheann é. Tabhair lámh leis: cabhair. Thug sé a dhrom liom: im threó nó thréig nó d'éim me. An bhfuil sé ag tabhairt (breith) na gcos fós leis? nách fada mhaireann sé: gan an bás aige. Thug sé na cosa leis ón aicíd: níor bhuail sí é. Ná gaibh leis an méid sin mar dhíolaidheacht iomlán: ná glac é: ná bí sásta leis. Is fada gur ghaibh an lánamha chéadna lé chéile: gur mhaireadar in aontigheas. Gheobhaidh siad leat lá an toghaidh: tabharfaid a nguth dhuit. Gaibh leis an méid nó ná gaibh, sin a bhfaighir: glac a's bí sásta etc. Maran déanta táim bheith ag gabháil leat, a mhadra gan mhaith: ghod chongbháil a's ghod chothughadh. Ghaibheadar lé chéile .i. chaitheadar a mbeatha i bhfochair a chéile. Ní bhfuairtheas lé cur é: é do bheith ann chun a adhlactha. Ná bíodh aon tsíos ná suas agat leis, ní hiontaoibh é: aon tsaghas gnótha ná cunntais. Marbhuigheadh é, geall leis, nuair leagadh leis an ngleann é: nách mór. Táimíd ag baile, geall leis, táimíd i ngiorracht míle dho: beagnách. Léan air, mhuis, budh náireach do an earra do choimeád i ngeall lé réal: i dtaobh: i gcoinnibh. Bíodh deireadh agus tosach agat lé focal do rádh liom: ná dein airís é. Níl aon chuimse leis! anois cé raghadh amach ar a chuid lúbaireachta?: ní féidir a shárughadh. Níl aon teóra leat ach an fharraige, féach a bhfuil de dhochar déanta agat: ní féidir buadhachtaint ort. Teanga gan srian léi, ní maith an comrádaidhe í: an teanga ná cúbtar. Budh thapaidh an bheart í gan súil, gan choinne léi: ní raibh tuairm ná ceapadh fé n-a tárlachtaint. Is fearr súil lé glas ná súil lé huaigh: níl aon ghreim ná go bhfuil dul ar theacht uaidh ach greim na huagha. Ag dul chun deireadh atá sé, níl aon tsúil leis: aon dóchas go mairfidh sé. An bhfuilir ag coinne lé haonne, chídhim id sheasamh annsan lé tamall thu: ag brath go dtiocfaidh duine éigin 'n-a dháil. Bhí an bheirt aca páirteach lé chéile chun an tighe: cuid ag gach duine aca dhe. Tá an áit laitighthe pé atá cionntach leis: a dhein an bheart. Aon rud a bheidh bun os cionn bead-sa freagrach leis: réidh, sásta gabháil lé n-a mhuirearaighe, íoc nó cúiteamh do thabhairt in aon dochar dá dhruim. Cómhnuighim lámh leis an gcathair: in a haice. Lé hais na teineadh sínte 'n-a shliasta: buailte léi. Lé haghaidh an turusa thugas fiche púnt liom: i gcóir. Cé tá cois leat?: it fhochair: id chuideachtain. Bocht mo dhóthain dom anois, táim i dtaobh (i dtortaoibh) lé scilling: ag brath ar. Cad tá lé déanamh anois agam?: cad is féidir liom do dhéanamh. Faic níl buaidhte agam-sa leis an obair seo, éireóchad aiste: dá barr. Is buaidhte taoi leis bheith ghá photfiathadh .i. gan faic dá chionn agat, b'fhéidir gan buidheachas féin. Cad is féidir leo do dhéanamh liom? táid rófhada uaim chun mo dhíoghbhála: atá ar a gcumas. Maidir leis an luach atá ar mhucaibh ní fiú bheith ghá gcotháilt: nuair meastar é i gcoinnibh a mbíonn caillte leó. Maidir leis an bhfear so, níl sé leath chómh cionntach leis an gcuid

eile: ag tagairt do a's a chuid den gcúrsa. Luadhadh fiche púnt leis sa chúis os chómhair na cúirte: measadh do é. Is minic do luadhadh an cailín úd leis agus síltí go bpósfaidís: tráchtí uirthe 'n-a thaobh. Léd thoil fan socair: bíodh sé de bhéasaibh agat etc. Fágaim lé hudhacht go bhfuil corplár an chirt agat: aontuighim go láidir leat. Lé hocras do cailleadh é: de dheascaibh. Leis an líonrith a bhí air ag fágaint dhearmhad sé a hata do chur air: mar gheall ar mhéid an líonrith. Tair lé solas an lae: faid bheidh sé ann. Sin obair atá déanta lé fuaimeant: imreadh eolas uirthe. Lé gaisce cheart a bhuaidh sé: trí. Bíonn sé ag imtheacht leis féin, tá sé an-dhorcha ann féin: ag gluaiseacht in áiteannaibh uaigneacha 'n-a aonar. Ná cuir a thuilleadh im ghloine-se, gluais leis: tá go leór agam. Árduigh leat a bhfuil fuighleach: tóg leat. Árduigh thiar leis: cabhair leis: tabhair lámh chónganta dho: árduigh an t-ualach air. Buaileadh barra mo bhróige i gcoinnibh stocáin a's tógadh liom: árduigheadh den dtalamh me a's leagadh. Thóg an máighistir lé clabhta baise me: bhuail sé go trom me. Chaill a athair a raibh i gcois 'si láimh leis chun a shláinte do thabhairt do: ar a shon. Méar, cos, súil, lámh liom: ceann aca. Ar nós furmhór na ndaoine táim ag tarrac liom: d'iarraidh maireachtaint. Cár bhuail an duine seo leat?: cár thárlaidh sé ort? Tá gaoth a's taoide léi a's tá siubhal fúithe: fabhrach: dhá tiomáint ar aghaidh. Teanga liom leat atá aige níl fonn air faic do dhéanamh: cainnt phlámásach. Ní bhíonn sé ar a thoil féin ach nuair bítear ag moladh leis: ghá mhóradh. Tógadh lé dorn grin i bpoll na cluaise é ag gabháil thar an lios: buaileadh é. Is cuma dho, mhuise, ach tusa do bheith ag teannadh leis, beidh sé buaidhte leat: bheith ag déanamh tacaidheacht leis. Teannaidh leis an dtalamh, táthaoi rófhada chun farraige: druididh níos giorra. Fan teann leis an ngruadh: athchomair di. "Fan leat" ars an ghaoth .i. chídhfear i ndeireadh dála go bhfuil dearmhad ort nó go dtárlóchaidh rudaidhe bun os cionn mar saoiltear duit. Chuadar lé chéile an bheirt aca féachaint ceaca b'fhearr d'fhear: throideadar nó chuadar i gcomórtas. "Téighimís mí thar lear" – "deinim leat é": tá go maith .i. raghad it fhochair. Cá mb'iongadh leat breis do thabhairt ar earra sa tsiopa dá bhfaghfá breis ar sheifteanna: ní bheadh iongadh ort. Is gearr lé dul ar thigh muirearach deich fichead sa tseachtmhain teacht isteach: is róbheag é chun maireachtaint air. Tá teacht as aice mar tá sí ag breith na heaga léi: ag téarnamh ar an aimsir .i. is móidide a cao maireachtaint ós rud é nár cailleadh i dtúis na haicíde í. Is machtnamh liom go seasóchaidh an cogadh so i bhfad ar an gcóiriughadh san mhórthiar-ghabháil atá dhá dhéanamh 'n-a chóir: táim ag baint tatáill as. "Connus mhaireann na haindeiseóiridhe?" – "an taos leis an oighean aca": andhealbh: ón láimh go dtí an béal aca. Táid imthighthe lé gréin ar fad, níltear ag cur aon bheárnan ionta: ag imtheacht gan aon chosc ortha. Féach air, lé gréin ag obair (ag cainnt, etc.): gan chuimse. An té ná faghair lé cainnt, éirigh as, a's bíodh a thoil féin aige: ná héisteóchaidh lé cómhairle. Budh cheart dúinn uile bheith ag cuimhneamh ar an saoghal lé teacht: atá rómhainn. Dubharthas leat do bhéal d'éisteacht a's cuid ráidhte leat, mar táir mós béalscaoilte: fáth maith leis. An ceart chómh mór san agat go ngabhaim lé n-a bhfuil tagtha as do bhéal: go n-aontuighim. Is tu béal lé héitheach (lé fírinne etc.): tugtha dho. Is fada go ndubharthas aon chainnt lé bun chómh mór léi: go raibh fuaimeant ag baint léi. Luighe leis an uan a's éirghe leis an éan: an dá rud do thárlachtaint ar an dtráth gcéadna. Lé túis an lae chuir sé roimis gluaiseacht: ar an am san.

leaba: *b.5.* (*leaptha(n), leabthan*) ball nó ionad lé luighe ann chun codlata; áit sosa; ionad; ball troscáin go n-a fhráma iarainn nó adhmaid idir thocht a's éadaighe do dhuine lé luighe nó codladh air; log, logall; ionad ullamhuighthe. Tá sé in am leapthan d'aonne,

tá sé tréis an dá uair déag: in am dul chun suain. Cad é an mhaith bheith ag cainnt, nách iomdha conntabhairt budh mheasa 'ná do chuir sé dhe, is cosamhail gurb ann a bhí leapthan a bháis: ionad. Ar leabaidh a bháis dho ní mhaithfeadh sé dhuit, tá sé chómh dubh san: 'n-a luighe dho gan éirghe os a chionn. Réidhtightear an falla a's deintear leaba don mbóirnigh seo nó beidh sí guagach: ionad go bhfanfaidh socair ann. Stadtar den seódh a's den ngleáchas, is minic do tháinig an magadh, go leaba an dáiríribh (dáiríre): go dtáinig achrann a's imreas: as bheith ag aithris air: rud a tógtar go neamhthuiseach go minic gan bheith íogair 'n-a thaobh, fé dheireadh go dtagann chun cinn ar chuma ná saoiltear ná ná mianuightear. Curadóireacht mhaith, tá an síol ag teacht i leabaidh a chéile: gan meath gan teip. Beiridh fada air, ná bíodh aon deabhadh oraibh deinidh bhur ngnóth i leaba a chéile: dréir a chéile: 'n-a chuid a's 'n-a chuid gan locht. Dá mbeinn-se 'n-a leabaidh ach go háirighthe ní dhéanfainn ar aon nidh an rud a dhein sé: ina ionad (áit). D'éag sí 'n-a leabaidh luighe sheóil: ar aiste bheith ag saoghalughadh clainne. Cuan conntabharthach gan leaba ancaire ann: ionad go bhfaigheadh ancaire a ghreim a's go mbeadh long sábhálta ann. Daoine fiala, flaitheamhla go raibh leaba shuidheacháin (tocht síos) 'n-a gcúinne do gach fánaidhe a gheóbhadh an treó: leaba is féidir d'iadhamh ar a chéile nuair ná bíonn cúram di. Is fada ar a leabaidh do: breóidhte. Bíonn sé ag coimeád na leapthan lé déidheannaighe: ag fanacht innte lé breóidhtigh. Duine rócheanamhail ar an leabaidh eisean .i. an-dhíomhaoin. Cuir leaba mhaith thuighe fén gcapall: ionad sosa a's suaimhnis. Ghuidh sí dho é d'fhagháil bháis ar a leabaidh: bás nádúrdha d'fhagháil. B'aoibhinn leat féachaint ar na leapachaibh bláth atá sa gháirdín: leirg thalmhan léirighthe chun a bhfásta: iomairidhe. Goirtigheadh go gonta me, buaileadh i leaba an dubháin me: san treó go bhfuil mo dhubháin suidhte. Dá mbeadh an soc i gceart ar a leaba ní thuitfeadh sé: ar an más: ar an ngeannc iarainn a choingbhigheas é. Ní dearbhtha dhuit teacht annso ná go bhfuil do leaba leighis ann: áit do leighis gurb é é. Luigh ar do leaba mar chóirighir í: is éigean duit gabháil lé gach mío-ádh dar bun tu féin leis. An iomad leagaidh leis an leabaidh aige chun oibre do dhéanamh: breis aimsire do chaitheamh innte lé díomhaointeas. Leis an dtuiteam 'san fuinneamh do bhí leis an gcarraig, dhein sí a leaba sa talamh: a hionad: a rian go doimhin. Tabhair an leaba ort féin, tá slaghdán trom agat: téighir innte agus fan innte ar do chosaint. An dá Mhac Uiliam ní chuirfeadh as an leabaidh é: d'fhanfadh innte lé cion uirthe pé éigean do bheadh dhá chur air. "An uair adeirim, cómhfhurtóchaidh mo leaba me, do bhéarfaidh mo chúil socamhail dom ghearán" (Iob VII. 13): áit mo luighte. "Smaoinigheann sé díomhaointeas ar a leabaidh, suidheann sé é féin ar áit nách maith; ní dhiúltann sé an t-olc" (Sailm XXVI. 4): in a luighe do. "Agus adubhairt sé leo, an dtig an choinneal dá cur fé bhéal soithigh nó fé leabaidh? an é nách gcuirfí i gcoinnleóir í?" (Marc IV. 21): dá cur i bhfolach. An t-aindeiseóir ag imtheacht ó áit go háit gan leaba chun chodlata aige: áit go sínfeadh tharais i gcóir na hoidhche. "Agus do thángadar Baibileónaigh 'n-a coinne go leabaidh an ghrádha, agus do thruailligheadar í lé n-a striapachas etc." (Eseicil XXIII. 17): áit: ionad. "Is onórach é an pósadh ameasc na n-uile agus an leaba neamhshalach ach béarfaidh Dia breith ar lucht na drúise a's an adhaltranais" (Eabhraigh XIII. 4): an áit luighte. Cnaiste leapan: clár a bhíodh lé n-a taobh ná sleamhnóchadh na héadaighe amach. Luigheas chun cos (na leapthan) .i. san gceann íochtair mar an gnáthach lé duine a chosa do bheith. Ceann na leapthan .i. a chontrárdha.

leabhaireacht: *b.3.* faididheacht, líomhthacht chúmtha; scaoilteacht. B'aoibhinn léd chroidhe istigh dearcadh ar leabhaireacht a méar: faid agus líomhthacht a's deaghchúmthacht. Níl aon leabhaireacht oibre ag baint leis: scaoilteacht .i. bíonn a ghéaga róchraptha ag obair. Doradha an-iascamhail seadh é, mar tá leabhaireacht ann .i. níl sé craptha ná níl scroigeanna ann .i. tá síneadh maith mín, réidh aige. Mo thruagh, is beag an leabhaireacht atá im chuid scríobhnóireachta, 'sis minic gur deacair a léigheamh: líomhthacht: cumthacht a's míne. Budh dheacair gan tuath do chur i leabhaireacht a géag: 'n-a bhfaid líomhtha a's 'n-a maise.

leabhar: *f.1.* tiomargan duilleóg bán, clódhbhuailte nó scríobhtha, páipéir cuibhrighthe lé chéile fé chlúdach; sraith; sleamhanc; coirt istigh crainn; móid, dearbhadh, cunntas i leabhar i gcoinnibh dhuine. Ar mo leabhar má dheineas baint léd chuid: dearbhuighim dhuit é. Ní chreidfinn do Leabhar Breac air .i. dá ndearbhófá ar an mbíobla dhom é. Cuireadh an leabhar air an fhírinne d'innsint: dearbhuigheadh é ar an mbíobla. Táim ag innsint na fírinne dhíbh chómh maith a's dá mbeadh an leabhar orm: dá bpógainn an bíobla. Thabharfainn an leabhar go bhfuil easnaidheacha briste ionam ar an dtinneas atá ionta .i. brathaim deimhnightheach de. Is beag ort an leabhar do thabhairt .i. labhairt agus mionn do chur leis 'n-a thacaidheacht. Ar mh'anam go bhfuil an leabhar orm gan é d'innsint d'aonne: móidighthe agam go bhfanfad im thost. Dar an leabhar (so) déanfair cuirp leis an sciain sin mara gcuirir uait í: chómh dearbhtha a's tá sí id láimh. "Ag spalpadh leabhar éithigh ar an dá thaobh atáthaoi. "Focal ní chreidim ó aonne agaibh", ars an giúistís: ag déanamh dearbhtha bréagaigh. Caithfead gan aon rud do lorg ar cáirde, táim ródhoimhin sa leabhar: cunntas trom im choinnibh cheana. Nách lághach an siopadóir é, abair leis ná raghad 'n-a leabhar go deó: ná rithfead i bhfiachaibh leis. Sin leabhar Eóin ("iúin") féd mhuineál do fuairis nuair bhís breóidhte a's tu beag: tosnughadh soiscéil Eóin crochta fé shraing. Tabhair an leabhar leis ná fuil aon eagla agam-sa rómhat: bí lán-deimhnightheach de. Thabharfainn a raibh (bhfuil) de leabharthaibh beó gur tu do chonnac, bhíos chómh cinnte sin: dhearbhóchainn é gan aon amhras do bheith im aigne 'n-a thaobh. Dá mhéid locht air bheadh truagh agat do, níl sé go maith i leabhar aonne .i. níl neach mór leis trí n-a ghníomharthaibh. Riamh, faid tá aithne agam air tá sé 'n-a chnuig leabhar: duine ag taighdeadh a's ag staidéar leabhar. An bhfuil m'ainm sa leabhar? mara bhfuil cuir ann í .i. an bhfuil m'ainm curtha síos lé rud áirighthe mar shíntiús do thabhairt uaim. I leabhar an chunntais nára daortar sinn: na cortha atá ag Dia 'n-ár gcoinnibh. Is fadó riamh do chuir sí (scrios) as a leabhar é: chuir deireadh lé haon bhaint do bheith aice leis. "Gidh anois más áil leat, maith dhóibh a bpeaca agus muna ndéan cuir mise as do leabhar (iarraim d'athchuinghe ort) noch do scríobh thú" (Ecs. XXXII. 32): as do chunntas. "Comháirmhigheann tu mo sheachrán; cuir mo dheóra id bhuidéal; nách bhfuilid id leabhar?" (Sáilm LVI. 8): cunntas scríobhtha. D'éirigh an charraig 'n-a leabharthaibh dá chéile nuair buaileadh díngceanna tríthe: an reimheadas céadna 'n-a codaibh: cúrsaidhe. Croith an féar a's na cuir 'n-a leabharthaibh anuas ar a chéile: sraitheanna. Is amhlaidh atá an coiléar 'n-a leabharthaibh: 'n-a leapachaibh sínte anuas ar a chéile. Baineadh an choirt den gcrann, fiú amháin an leabhar: an chuid laistigh.

leabhar: *a.* líomhtha, fada, mín, maiseamhail, slíogtha, slím. Tabhair dom féin do dhá ghéig leabhaire roim aonne eile: slíogtha: taithneamhach, cúmtha. Céachda leabhair chómh maith a's tháinig as cheárdchain riamh: déanta go cúmtha. Na géaga leabhaire atá

fén gcoin go n-aithneófá go bhfuil lúth a's siubhal aice: caol, slím, déanta, daingean. Maide láimhe leabhair: maide deaghchúmtha a's faid ann.

leabhar-: *i gcfh.* slím, seang, sciamhach, taithneamhach. Thóg sí a lámha 'n-a leabhar-chrobhannaibh: crobhanna taithneamhacha, deaghchúmtha. A leabhar-chuacha léi ag teacht dá guailnibh: slím, snasta, sciamhach. Nách mithid an leabhar-fholt do bhearradh: gruaig lán-fhada. É ag scríobh go buacach lé n-a leabhar-pheann: peann slím, córach. A cuid gruaige go leabhar-chas: fada, cuacha, dualach. Sin í an leabhar-riastáil ná fuil fód de briste: gach scríob iompuighthe gan briseadh ionta.

leabharlann: *f.1.* tiomargan leabhar; áit choimeádta leabhar.

leabharlannaidhe: *f.4.* duine a thugas aire do leabharlann.

leabhrach: *a.* go mórchuid leabhar. Fear leabhrach é, tá os chionn trí mhíle dhíobh aige. Ar a bhfuil d'eólas aige ní fhéadfadh gan bheith 'n-a fhear leabhrach: duine go mbíonn mórán léighte aige.

leabhradh: *f.* (*-bhartha*) liúdráil; liúspáil; feille-bhualadh. An leabhradh a ghaibheadh sé ar scoil mar bhí sé an-dhúr: smísteáil. Béas i gcabhlaigh Shasana dob eadh leabhradh do thabhairt do mháirnéalach go bhfaightí cúis air: stialláil cuirp. Dá mbeadh sé ag leabhradh an chapaill go mbeadh sé cortha dhe ní bhainfeadh sé an stailc as: ag gabháil air.

leabhraidhe: *f.4.* scruibile, "píce" fir. Leabhraidhe gan spiota fiadha ar a chnámhaibh: fear árd, caol. Leabhraidhe díomhaoin ná feiceann puinn dá chuid alluis: stráice gágaire.

leabhráil: *b.3.* bualadh, lúspáil, tuargaint, stialláil. Thugadar leabhráil an anama dhom i gcoinnibh an chlaidhe: bualadh trom: búrdáil. Leabhráil ná raibh tuillte agat do fuaireas uatha gan neach chun mo chabhartha ná chun mo chosanta: búrdáil neamhthrócaireach. An leabhráil do thugann an fharraige don bhfaill go leagann sí planncacha troma aiste: stialláil.

leabhrálaidhe: *f.4.* buailteóir, liúspálaidhe, stiallálaidhe. Leabhrálaidhe capaill é sin, fan amach ó n-a dheireadh: ainmhidhe a speachann. Leabhrálaidhe peile eisean .i. imreóir a lascálann go maith í. Leabhrálaidhe maith úird é: fear maith ar órd.

leabhrughadh: *f.* (*-uighthe*) bualadh, sleamhnughadh; ionannughadh; slíogadh; slíomadh, ag ullamhughadh talmhan i gcóir a churtha. Ag leabhrughadh an ghuirt i gcóir phrátaidhe: ag riastáil: ghá shíneadh amach. Ag leabhrughadh na háite tímcheall an tighe go mbeadh féachaint níos taithneamhaighe aige: ghá réidhteach a's ghá chomhthromughadh. Scata fear ag leabhrughadh an bhóthair: ghá chur ar aon rian: ag baint chnapán a's árdán as. "Ní mór atá déanta agam indiu, ag leabhrughadh mo choda oibre do bhíos: ag ullamhughadh: ghá síneadh amach.

leabhrughadh: *f.* (*-uighthe*) (ag) mionnughadh; léiriughadh; do chur dearbhtha ar dhuine. Ag leabhrughadh dhom go raibh sé láithreach a's go raibh cruinn-eólas aige ar cad do thárlaidh: ag dearbhadh go láidir. Ná cuirtear ceist ar bith air go gcuirtear leabhrughadh air: go gcuirtear an leabhar air. Dá mbeadh leabhrughadh an tsagairt orm ní fhéadfainn a rádh cad fáth go ndeárnas é: fé mhionn don sagart.

leabhruighim: *b.a.* $_7$ *n-a.* dearbhuighim, mionnuighim; cuirim an leabhar ar. Leabhróchad lé gach focal atá ráidhte agam: tabharfad mionn sollamhanta ar an mbíobla. Leabhruigh leis gur togha fir é: bí lán deimhnightheach de. I gcúirt leabhruightear gach fíne sara dtugaid fínéacht: cuirtear an leabhar ortha .i. tugaid an bíobla go n-innsid an fhírinne.

leabhruighim: *b.a.* riastálaim; ionannuighim; scartaim; buailim; sleamhnuighim; léirighim; réidhim. Leabhruightear an talamh sara gcuirtear leasughadh air: riastáltar: iompuightear na fóid chun iomairidhe nó leapacha do chómharthughadh. Leabhróchad mo chuid oibre i gcóir an lae ambáirigh: sínfead amach an obair: léireóchad. Leabhruightear an láthair sin sara gcuirtear an chloch bhuinn: scartar: léirightear: glantar ó ó thrufais é. Uachtar garbh, achrannach ar an dtalamh thart tímcheall gur leabhruigheadh chómh réidh lé bolg an bhóthair é: sleamhnuigheadh.

leabthachas: *f.1.* cóir chodlata; do bheith ar leabaidh; leabaidh a's a cuid éadaighe; tuighe nó easair d'ainmhidhe mín lé luighe air. Bítear ag dul abhaile anois tá sé in am leabthachais: am dul chun codlata. Chuireas sreang-scéal chun an tighe ósta ag cur leabthachais in áirighthe i gcóir na hoidhche: cóir chodlata. Leabthachas maith do chapall fraoch a's aiteann: easair chun luighte air. Tá sé ar leabthachas fós lé leisce éirghe: sínte ar leabaidh go sámh.

leabughadh: *f.* (*-uighthe*) do chur ar leabaidh, do dhéanamh leabthan; do chur in ionad. Budh dheacair an chloch do leabughadh sa bhfalla lé n-a méid, gan chroch: í do chur 'n-a luighe go socair. A's é ag leabughadh fén gcapall do buaileadh speach air: ag cur easrach fé. An t-éan ag leabughadh dho féin 'n-a nid i gcóir na hoidhche: ghá socrughadh féin go socair, seascair. Na tuinncéiridhe ag leabughadh dhóibh féin i lúib an bhóthair: ag cóiriughadh fútha i gcóir na hoidhche.

leabuighim: *b.a.* $_7$ *n-a.* téighim chun leabthan, chun codlata, socruighim leabaidh chodlata fé; ionaduighim. Leabuigh fén gcapall: cuir leaba fé. Leabuighidh fúibh sa chúinne go maidean: deinidh leabaidh díbh féin. I mbarra an stocáin aoird ar ghualainn na binne do leabuigheadh an fiolar: do dheineadh a nead. Cá leabófar an chloch so?: cá gcuirfear in ionad sa bhfalla í. Leabuigh creatalach na luinge sa ghainimh: dhein a hionad síos innte.

leac: *b.2.* cloch thanaidhe, líog (liag); slinn; scláta; cómhla chloiche; greideal. Nára fada ná go raibh leac ar a chluais: é sínte san uaigh. Go dtéighead fén lic ní mhaithfead do: go gcuirtear 'on uaigh me. É marbh a's leac lá n-a cheann: cloch (shlinn) chinn. A lithéid do rádh liom ar lic mo theinteáin féin .i. do bheith eas-urramach liom im thigh féin. Císte mór, cruinn déanta ar an lic: greadal: scláta mór fairsing, tanaidhe iarainn chun aráin do

bheirbhiughadh air. Ná cuir leac mo dhorais díot faid mhairfir: an chloch shlinn a bhíos i mbéal dorais. Leac nigheacháin: cloch mhór a's uachtair réidh uirthe ar thaobh abhann chun éadaighe do nighe. Leac fuinneóige: an bonn ón dtaobh amuigh. Chuireas as an lic do ná raibh aon dul aige ar cháirde d'fhagháil sa tigh seo: a chur 'n-a luighe air ná faigheadh. An iomad ar an lic cheana orm ní bhfaghainn faic ar m'ainm: an iomad sa chunntas orm. Tairngeadh an bád anáirde ar an lic: ar charraig shleamhain a's fánaidh anuas go huisce léi. Leac im bhléin a's caithfear féachadh dochtúra do chur uirthe: ball fairsing dem chorp cruaidh. An glór a bhain mo bhróga as leacachaibh ná sráide: na clocha móra, leathana, tanaidhe a bhíos mar pháilidhe. Cuireadh fé lic é i bpoll éigin: i bhfolach. Leacacha an átha: clocha caithte treasna chun siubhalta ortha. Fan ar do latraigh féin, is sleamhain iad leacacha an tighe mhóir .i. an áit ná bíonn taithighe ag duine nó nách dual do bíonn sé tuathalach ann. Leis an dteas do dhein leac den dtalamh: chruadhaidh a uachtar 'n-a bhalc. Ar leacachaibh ifrinn: clocha leathana. Dá mbeadh leac the leis an gcliathán go bhfuil an tinneas ann: scláta iarainn. Thuit sé orm a's dhein sé leac díom: bhrúigh go mór me. Licinidhe beaga slinne: clocha beaga an-thanaidhe. Bád conntabharthach atá 'n-a lic anuas ar an uisce: ó thosach deireadh ar cóimhrian. Mo bholg 'n-a aon lic amháin: na maotháin cruaidh air. Buaileadh lé leac chloiche me: cloch mhór ar a fairsinge, agus tanaidhe.

leaca: *b.5.* taobh na haghtha; taobh talmhan (cnuic) ar fánaidh. B'fhéidir go dtéidheóchainn-se na leicne agat .i. go mbuailfinn ar gach taobh na haghtha thu. Ag bun na leacann atá na tighthe tógtha: taobh aoird go bhfuil uachtar sleamhain, réidh, mín air. Suidhimís ar leacainn an tsléibhe ag amharc an radhairc aoibhinn: ar a ghruadh. Ba ag ingheilt sa leicne: guirt saothruighthe ar thaobh cnuic.

leacach: *a.* leachacha do bheith ann. Úrlár leacach: clocha móra, fairsinge tanaidhe ann.

leacaidhe: *f.4.* cuallaidhe, compánach, cómh, comrádaidhe soilbhir. Raghad ameasc mo chóimhleacaidhthe: mo lithéididhe féin atá ar aon rian uaisle a's ísle liom. Phós sé leacaidhe maith mná: a dhiongmháil de mhnaoi. Tá a leacaidhe ag imirt anois leis ná leigfidh do feall ná bob do bhualadh air: a chómh: comórtas. Scrios as mo radharc! níor leacaidhe riamh dom thu: duine oireamhnach lé bheith 'n-a threis. Fanfad uatha, ní leacaidhthe liom iad .i. ní dóigh liom go bhfuilid maith mo dhóthain mar chuideachtain dom in ao'chor. Faigh leacaidhe na bróige seo dhom: an leath-bhróg eile: a céile.

leacán: *f.1.* slinn nó leac bheag; an t-arán glas; aon rud a bheadh liocuighthe nó sínte amach. Dhein sé leacán díom lé buille 'e dhorn: bhrúigh ar a chéile me: shín ar m'fhaid a's ar mo leithead me: chuir dem threóir me. Níl innte mar nadhbhóig ach leacán: nadhbhóg sínte, liocuighthe ar an uisce. Déanfaidh an trom-ualach san leacán díot: brúghfaidh sé thu. "Níl leacáin 'n-a ngáirdín" (amhrán): an fás go dtugtar an t-arán glas air nó an cornán. Táim im leacán ag an sín ó bheith fúithe: claoidhte. Dhein an stoirm leacán den gcoirce nár éirigh ó shoin: luigh a's liocuigh anuas ar an dtalamh é.

leacanta: *a.* cruinn, beacht, docht; go maith as, néata, seascair. Bítí ró-leacanta air, duine neamhoireamhnach, neamhthaithightheach mar é, a's b'éigean do bailiughadh leis: róbheacht, ródhocht leis. Chuir sí i gcrích í féin in áit go mbeidh sí leacanta a dóthain ann

gan ceal, gan easbhaidh: seascair: ar a toil. Laiteann an t-úrlár neamh-leacanta san an chistin: gan slacht: garbh.

leacantacht: *b.3.* stanncacht, cruadhacht, neamh-líomhthacht. Táim tréis fuachta d'fhagháil a's tá leacantacht an domhain uile im chorp: stanncacht: ar éigean is féidir liom me féin do shearadh. Ná brathann tú leacantacht id chliabhlach: cruadhacht: mar bheadh chómh cruaidh lé lic.

leacrach: *b.2.* áit lán de leacaibh. Talamh leacrach atá deacair do threabhadh: lán de chlochaibh slinne. Leacrach guirt nách féidir do chur ná do bhaint: áit go bhfuil an iomad cloch ann. Leacracha ar fad an áit: clocha.

leacht: *f.3.* carn cloch os cionn uagha; rud éigin mar bheadh táibléad, tógáil, etc., curtha chun cuimhne duine nó cúrsa do bhuanughadh; cuid mhór; maolchnoc. Rát é trí clocha do chaitheamh ar an leacht ag gabháil tharais: cian-nós...ar an gclais chloch atá os chionn uagha. Leachta féarmhara idir dhá pharóiste: maolchnuic. Ná bí ag cainnt, mara mbeadh leacht airgid do bheith aige ar an gcaitheamh atá ann is fadó bheadh sé gan faic: clais: mórchuid. Níl leacht ná cosc ort dul a's teacht pé uair is mian leat: ciotaighe: constaic. Leachtanna éisc aca sa tsaoghal mhaith tréis na hoidhche: claiseacha. Dá mbeadh a fhios againn cad tá fén leacht san: carn cloch. Tá leacht d'Art Ó Gríobhtha, do Mhícheal Ó Coileáin a's do Chaoimhghin Uí hUigin lasmuigh do Theach laighean: trí táibléadaidhe go bhfuil macsamhail a gceann ortha.

leachtán: *f.1.* leacht beag; carnán; clais chloch bailighthe den dtalamh nó fuighleach fothraighe; clais féir, etc., go ngeóbhadh sín a's báisteach tríd. Ghaibh díle na hoidhche tríd an gclais fheamnaighe go bhfuil sí 'n-a leachtán 'n-a diaidh: 'n-a carnán leachta .i. an sughlach imthighthe aiste. Cad é an mhaith an féar san go bhfuil an oiread droichshíne beartha air i gcocaidhibh beaga ná fuil ionta anois ach leachtáin: claiseacha (carnáin) leacuighthe aindeise. Chuirfeadh an méid leachtán atá ar fuaid na ngort an méid mionchloch do bailigheadh den dtalamh: carnáin. Níl lé fagháil des na deich dtighthibh as dathad a bhí ar an mbaile seal anois ach leachtáin: claiseacha mionchloch.

leacughadh: *f.* (*-uighthe*) do chur leac in áit, do shleamhnughadh. Is sár-mhaith an leacughadh atá déanta ar an úrlár (pháilidhibh na sráide, etc.): leacacha curtha go cúramach, slachtmhar ann. D'iarraidh bóthair an chnuic do leacughadh go ngeóbhadh capall a's trucaill tríd: do réidhteach a's do mhíniughadh.

leacuighim: *b.a.* cuirim leacacha ar, scartaim a's mínighim. Leacuigheadh an tobar d'fhonn a's ná beadh smúit ná salachar ag dul ann: cuireadh leac ar a bhéal ghá chlúdach. Is fada ó leacuigheadh páilidhe na sráide táid caithte: ó cuireadh casáin leac ann. Mo ghradhain sibh, a dhíleachtaidhthe bochta, tá bhur n-athair leacuighthe agaibh: adhlactha. Bóthar aindeis, árd dob eadh é sin go dtí gur leacuigheadh é: réidhtigheadh a's mínigheadh.

leadaidhe: *f.4.* liaghairne, scraiste, lorgánach, leisceóir. Ní gnáthach iasc ag leadaidhe: an té a bhíos chómh leisceamhail sin ná fágann sé an cúinne. In a leadaidhe ó thigh go tigh

do chaitheann sé a shaoghal: scraiste díomhaoin, leisceamhail. Leadaidhe na luaithe .i. duine ná faghann de bhrigh ná d'anam ann féin corruighe ón dteine.

leadaidheacht: *a.* leisceamhlacht, díomhaointeas, scraistidheacht. Mara bhfuil obair aige tá leadaidheacht aige, an rud atá uaidh: díomhaointeas: doicheall corpardhá lé haon rud do dhéanamh. Nuair gheibheann sé aon rud lé déanamh tugann sé furmhór na haimsire ag leadaidheacht air: ag gíotáil go mall, righin, neamhfhonnmhar leis. Ní i ngort ná i ngarradha do gheóbhfá é ach lé leadaidheacht ag baile: díomhaointeas lé leisce é do bhaint as a ghéagaibh. Siúd é an áit a bhainfead an leadaidheacht as an ndrom ag duine, é do chur abhaile mara ndéanfadh a chion: cnámh-díomhaointeas.

leadán: *f.1.* an cnádán a bhíos ar lusaibh. An leadán liosta: lus mór go bhfuil ceann mór agus cuilg bheaga air: crobh cait: lapa coinín. Má chuireann an cat a leadáin ionat cuimhneóchair air .i. scramhfaidh sé go géar thu. Ar do bhás ná cuir do leadáin ionam: ná cuir do chrobhanna ceangailte ionam.

leadar: *f.1.* buille leis an mbais nó lé haon rud a luighfeadh ar chuid mhór den rud do buailtear. Is iomdha leadar do gheibheann ar scoil toisc gan mo chuid ceacht do bheith saothruighthe: buille sa cheann lé brághaid nó drom na baise. Fuair an t-asal leadar den sluasaid treasna na n-easnaidheach: stiall. Dhéanfadh leadar nó dhó an-mhaitheas don ngealtán san ná féadfadh glas do chongbháil ar a bhéal: buille. Is annamh lá ná go bhfaigheann Lonndain leadar trom ón aer: buille a luigheas go maith air.

léadar: *f.1.* giosaidhe nó toice. Is deacair cainnt do thabhairt don léadar san, budh dhóigh leat gur sean-bhean í ar a bhfuil de shean-chrínneacht innte. An teallaireacht a bhíodh ag an léadar san dhá thabhairt don mháighistreás chuirfeadh sé scorn ort ó dhuine dá haois: táthaire mío-mhúinte. "Is líomhtha mar threabhfadh "mo léadar-sa" farraige" (amhrán): bád dána.

leadaráil: *b.3.* bualadh, smísteáil, stialláil. Breis agus mo dhóthain leadarála fachta agam ag teacht i gcoinne na ráistighe sneachtaidh sin: bualadh agus dalladh. Ní lá fós é mara bhfuair an pheil leadaráil i mbéal an bháire: láscáil throm, chealgánta. An leadaráil a thug na tuinncéiridhe dá chéile tímcheall seanchapaill budh ghráineamhail leat féachaint ortha, ní raibh leaca gan fuil 'n-a measc: liúspáil: smísteáil lé heachlascaibh, urcharaibh, úirlisidhibh etc. Aon rud a bhíos dhá dhéanamh lé séirse a's fuirse deirtear, "sin í an leadaráil!" Thug an mháthair leadaráil don leanbh: greadadh tiugh te lé n-a bais. Ag leadaráil na n-éadaighe lé slis chun a nglanta: dhá shliseáil. Chloisfeá an leadaráil a bhí ag deireadh na nadhbhóige gach uair do bhuaileadh basóg fharraige í: stialláil: bog-chnagarnach.

leadarálaim: *b.a.* buailim lem bhais, smísteálaim; greadaim, stiallálaim. Ó ná fuil aon tubháile agat chun do thriomuighthe leadráil tú féin go tiugh, cruaidh, imtheóchaidh rian an tsáile a's téidheóchair do chroiceann: gread leis na basaibh. Leadaráil an dá shean-mhiúil a céile ó thalamh go raibh teine chreasa ag cruitibh a's clúmh a's croiceann san aer: speachadar go dubh, dúluighthe. Leadaráil an máighistir me fean na gcluas chómh

mór san go raibh bodhaire orm ar feadh laetheanta ’n-a dhiaidh san: bhuail go dian lé n-a bhasaibh.

leadartha: *a.r.* buailte, stracaithe, stolta. An doras chómh leadartha san ag an ngaoith tréis na hoidhche go raibh giascán ar a lúdrachaibh aige: suaidhte. Bhuail sí (long) aniar ón bhfarraige tréis an ghála, gan luid anairte ná raibh leadartha ’n-a ghéiridheachaibh. Cheangail láimhín an leinbh in ineall an aitinn a’s tá sí go léir leadartha: stracaithe: réabtha.

leadarthach: *a.* stracuightheach, réabthach, buailteach, millteach. Tá deireadh leadarthach ar an miúil sin, seachain tú féin: buailteach. Gála leadarthach de dhruim na binne adtuaidh a bhainfeadh fuaim as cleatrachaibh an tighe: réabthach: fuinneamhail, scriosamhail. Budh leadarthach an t-imreas a bhí aca san gcistin chumhang, ag bualadh, ag sáthadh, ’sag stracadh: millteach: marbhthach.

leadhb: *b.2.* giobal, preabán, aon rud ’n-a stroill, ceirt; smut sean-éadaigh; breillice, dúiste; stiall. Aon easbhaidh leidhbe níl air chun dul i gcóir a choda: ceal plámáis teangan. Gcloistí mar chuireann sé as? nách aige atá an leadhb?: an teanga chun cainnte. Chuir sé bannlámh dá leidhb amach fúm lé droichmheas orm: shín sé amach a theanga i bhfonmhód chómh fada a’s d’fhéadfadh. Tréis na leidhbe do thabhairt dá chéile do chuadar ar na dóirnibh: tréis íde bhéil do throideadar. Budh mheastamhla dhuit leigeant di féin go mór an leadhb bhocht: bean ná fuil cruinn ’n-a ceann. Aonne eile a mhaireas ach leadhb ar leithrigh ní bheadh a lithéid sin de chistin aice: bean gan aon tsaghas críche. Caith dhíot an leadhb hata san a’s ná bíodh na daoine ag stealla-mhagadh fút: hata stollta nó neamhchúmtha. Na leadhba cluas atá air ar nós cluas asail: cluasa gan chuma ar sileadh anuas. Na bróga a cheannuigh sé seachtmhain táid ’n-a leadhbaibh: gan chuma, gan chrot ’san leathar ag leigheadh ionta: leighcididhe. Tair isteach ón bhfearthainn nó beir id leidhb aice: as an sileadh mhaol, bháidhte, mar bheadh cearc. Cuimil an sean-leadhb san den stól a’s glan é: sean-cheirt. Thugas leadhb do treasna an phuis: buille. Ar a leidhb is fearr an barránach – focail mhóra a’s mogail fhollamha: maidir lé geallamhaintidhibh de, níl a leacaidhe lé fagháil. An diabhal baoghal, a fhir chóir, ná go bhfuilir ar fheabhas as do leidhb: do mholadh a’s do mhóradh duine chun rud éigin do ghnóthughadh leis. Chuadar ar an leidhb lé chéile: ag tabhairt aithise dá chéile. Dá bhfaighinn-se chun mo leidhbe í, d’inneósfainn scéal di: cao chun a cáinte ’sa haithise. Dein rud orm, a’s fan ó n-a leidhb siúd: ó n-a híde béil. Is iomdha stiall ded leidhb fachta ag daoinibh, a bhéidreach: cáin chaile tugtha ortha. “Tá sé go deas anois agat, dá mbeadh sé ar do bhais agat! cuimil do leidhb de (ded leidhb é)!”: tá sé ó lat an chait agat. “Nimh do leidhbe id bhrághaid!” .i. go dtacaidh binb do chuid cainnte buirbe thu.

leadhbach: *a.* neamhshlachtmhar, gioblach, stroilleach, neamhthairbheach, bóiléagarach, neamhghasta, sleamhain-phlámásach. Ó bhróig go hata tá a bhfuil ort leadhbach!: gan chrích, gan ghastacht, go ró-aindeis. Riamh ní raibh id dhiaidh ach gnóth leadhbach: gnóth go mbeadh easbhaidh nó earball éigin air. Ar an gcasóig leadhbaigh atá air ní fhéadfadh sé gan bheith fíor-bhocht: preabánach. Sin é, fág do chuid airgid go leadhbach mar sin i gcómhnaidhe a’s beir dhá cheal: bóiléagarach: neamhchríochnamhail. Duine an-leadhbach eisean chun aon rud do chur ’n-a chúram air: manaoiseach, neamh-aireach,

dearmhadach. Duine ró-leadhbach thu chun aon bhaint do bheith ag duine macánta leat: t'aigne ar do thairbhe a's do bhail féin le clisteacht agus gliocas do theangan. Rinne an táilliúir an chulaith sin go leadhbach: neamhshlachtmhar. Is baoghalach liom gur Gaedhealaing leadhbach do scríobhaim: gan blas, dath ná slacht.

leadhbacht: *b.3.* neamhchruinneas, mío-thapa, neamh-aire, neamhshlachtmhaire, aindeise clóidh; plámás. An dóigh leat gur lém leadhbacht a bhíonn rud éigin agat uaim nuair chuirir rómhat é: neamhchruinneas: neamhghéire. A leadhbacht féin, ní ghá chasadh leó é, d'fhág amuigh iad: rud do dhéanamh trí neamhthuise féachaint rómpa. Chuirfeadh leadhbacht do ghabhála na clocha glasa ag gáiridhe: aindeise a's neamhghastacht. Ní fheicim annso im thímcheall ach leadhbacht, gan faic glan ach caithte salach soir siar: neamhghastacht. Chaitheas uaim na sean-labhtaisidhe bróg úd lé n-a leadhbacht: iad gan clódh gan deallramh. Má chuireann leadhbacht neach chun cinn ní bheir-se chun deiridh, tá do leór-dhóthain de chainnt bhláith, shleamhain agat: plámás binn.

leadhbadh: *f.* (*-btha*) (**leadhbáil**) do lighe, bualadh, smísteáil, stialladh, clabhtáil. An bhó ag leadhbadh a laogh: ag lighe: ag cuimilt a teangan de. An madra ag leadhbadh mo bhróg. An dóigh leat go mbeinn-se ag leadhbadh aonne, ag súil lé rud uaidh: ag plámás leis. Sin an leadhbadh is mó fuair aon tír mhór, láidir riamh, í do chlaoidheachtaint i dtrí seachtmhaine!: bualadh, tuargaint a's smísteáil. Leadhbadh maith ag cathrachaibh dhá fhagháil an aimsir seo ón spéir: smísteáil. Nách me fuair an leadhbadh ón saoghal nuair chailleas a raibh agam: an díothughadh. Cé gur beag an chiall do thugann sé dho is iomdha leadhbadh maith fachta aige i mbruigheantaibh: bualadh: smísteáil. Chrom sé ar iad do leadhbadh lé 'n-a bhata gan féachaint chuige ná uaidh: dá liúdráil ó gach taobh. Bíd sin ag itheadh a chéile indiu 'sag leadhbadh a chéile ambáireach: go síothach, grádhach.

leadhbaim: (**leadhbálaim**) *b.a.* lighim, cuimlim mo theanga dhe, buailim go trom, smísteálaim. Leadhb an t-úrlár leis an spreasán a's ná bí ag foidhneamh leis! – buail ar a dhá thaobh a's ar a bholg é: strac feadh an úrláir é! Do leadhb an stoc an coirce i rith na hoidhche: laiteadar é: cuimleadar a dteanga dhe: d'itheadar as laiteadar é. Leadhbais an pláta a bhuachaill!: níor fhágais faic gan itheadh air. Leadhbadar a chéile mar gheall ar chailín: smísteáladar a chéile go binn. Ní raibh aon lá ó rugadh thu ná go leadhbfainn an t-anam asat .i. go ngeóbhainn "lán do shaic" ort. Leadhbann an madra me lé ceanamhlacht orm: cuimleann a theanga dhíom. Leadhb an t-iarann faid agus gheóbhair te é: buail ó thalamh é. Leadhb an Ghearmáin tíortha láidre ar an dtaobh istigh de mhí: fuair an buaidh ortha.

leadhbairt: *b.2.* (do) bhualadh go maith, cnápáil, liúdráil. An leadhbairt a fuair an doras uatha ó bheith ag tabhairt na bróige dho níor fhágadar meidhil beó dhe lé n-a chéile: tuargaint bhuailte. Ní huair ná dhá uair do fuair sé leadhbairt a chuirfeadh an ghráin ag aonne eile ar bhruighin ach b'sheo chúiche airís é: bualadh an anama.

leadhbán: *f.1.* eochair an éisc fhirinn; géire, faice, ruainne; giobal ar sileadh. Chonnac chugham é agus gan aon deaghchuma air gen leadhbán hata: hata gan mhaith, mío-chumtha. B'aindeis é a chlódh, a raibh de leadhbán ar sileadh as a chuid éadaigh: giobail

gan fáscadh. Ní raibh ghá chlúdach ach leadhbáin ball air, ní raibh slán: paistidhe a's giobail. Nách tú an leadhbán gan anam, beir i gceart ar an arm: rud bog, neamhchrotamhail (mar leadhbán an éisc). Is diail an leadhbán teangan atá aige, thabharfadh sé an lá ag cainnt 'sag cur síos: teanga mhór, do-thraochta. Leadhbáin fheóla ar crochadh gen mbrothaire: blúiridheacha fada. Tá do thriubhas imthighthe 'n-a leadhbánaibh: 'n-a ghéiridheachaibh. Fuaireas chómh neamh-anamamhail fém mhéir an t-éadach lé leadhbán: gan aon chruadhacht ná gus .i. cómhartha nár bh'éadach fuilngtheach é.

leadhbóg: *b.2.* blúire, faice, giobal ar sileadh; bean neamhchríochnamhail, neamhghasta tímcheall gnótha, bean gur furaiste bob do bhualadh uirthe. Má leanaid de ní bheidh tigh ná treabh aca ar an leadhbóig mhná atá aige go leigheann gach nidh idir a dá láimh .i. ná féadann cóir cheart do chur ar aon rud a gheibheas trí n-a lámhaibh. Má dhein aon bhean riamh leadhbóg di féin dhein sí é an lá phós sí an póitire úd: óinseach chorónta. Nár bh'í an leadhbóg í a's scaramhaint leis an mball éadaigh is fearr dá raibh aice: bean neamh-ghéar. Faigh snáthad a's snáithín a's fuaigh do chuid éadaigh tá sé ag imtheacht 'n-a leadhbógaibh: 'n-a ghiobalaibh ar sileadh anuas leat. Ní raibh láithreach ach scata leadhbóg ná féadfadh faic do dhéanamh don mhnaoi 'n-a luighe seóil: mná gan aon eolas, gan aon tionnscal. Leadhbóga feamnaighe ar fuaid na trágha: scotháin stollta nár bh'fhiú trácht ortha.

leadradh: *f.* (*-dartha*) trom-bhualadh, réabadh, díothughadh, milleadh. Ag leadradh an asail bhoicht gan trócaire lé cleith, go raibh a easnaidheacha ag lúbadh: ag gabháil go fiadhain air. Gach leadradh dá dtugadh an fharraige budh chómhchlos a fuaim i gcéin: stiall fhoirtil. An t-arm ag leadradh lé n-a n-armáil gach rud beó a thagadh 'n-a mbealach: ghá milleadh a's ghá mbánughadh. An leadradh a dhein an amhailt (mhara) ar an líon níor fhág luid de slán: stracadh.

leadraim: *b.* mionbhrughaim, réabaim, stiallálaim, stracaim ó cheile. Leadair na lámha a's na cosa aige go maith, tá sé reóidhte, d'fhéachaint an dtiocfadh aon mhothughadh ionta: gread iad go teann. Leadróchaidh an ghaoth an seól mara gcuirtear cuir ann: stiallfaidh 'n-a ghéiridheachaibh. Leadróchaidh an dá fhuirinn a chéile ar chródh na himeartha mar is fada díomas aca dá chéile: tuargnóchaid: suathfaid a's ciarlálfaid. Do leadair sé an garsún lé slait gur éirigh fústaidhe ar a chneas: liúdráil é: stialláil é.

leadrán: (**leadarán**) *f.1.* moille, siléig. Is fada anocht go bhfaghair amharc air sin, tá an leadrán riamh 'n-a dhiaidh: an mhanaois chun gluaiste. Más mian leat do bheith in am ná leig aon leadrán ort féin: aon rud a choiscfeadh thu ar ghluaiseacht. Rug leadrán éigin air ar fhaid atá sé: tháinig rud éigin treasna air a bhain de ghluaiseacht. Cuirfidh an triomach spallta so leadrán ar bharraidhibh: beidh moill ortha teacht chun cinn. Chuireadar leadrán d'aon ghnóth ghlan orm d'fhonn a's go bhfaighidís cao ar me do leadradh: moill. I mball ná i mbeárnain dar bhuail sé riamh liom nár ghabhaidh Dia aige gan bheith ag leadrán orm, ghá fhiafruighe so a's ghá fhiafruighe súd díom: ag teacht fém bhrághaid ar ócáididhibh mhío-thráthamhla. B'annamh riamh luath ag baile é ag leadrán na dighe: an neamhfhonn gluaiste de chionn bheith ag ól. A bhuachaillidhe, tá an imirt ag dul chun leadráin, cuiridh anam innte: ag dul chun síogaidheachta: an bheódhacht ag imtheacht

aiste. Tá an oidhche ag dul chun leadráin, is mithid dúinn bheith ag fágaint: chun déidheannaighe.

leadránach: (**leadaránach**) *a.* mall, míothapaidh, neamh-éascaidh, siléigeach, liosta. Cioth leadránach ná feadraís ar cheart duit moilliughadh nó gluaiseacht. Táimíd an-leadránach ar fad, ní bheidh an obair in oan ghiorracht do bheith críochnuighthe againn in am: mall, míothapaidh, siléigeach thar ceart. Beidh barraidhe leadránach gen spad-aimsir atá ann: mall ag teacht suas. "Téarnóchaidh sé" ars an dochtúir, "ach beidh sé leadránach ag teacht 'n-a shláinte cheart": mall, righin de dheascaibh na breóidhteachta. Dreatháir leadránach ólachán: an té a bhíos lé digh ní bhíonn aon rud ghá spriogadh chun a thighe ná a chúraim do bhaint amach. "Nách leadránach an baraille é sin", ars an té go raibh an t-íota air: an deoch ag teacht rómhall as do súd. Má bhriseann aon rud orainn beidh lá leadránach ar an mbóthar againn: lá go moilleófar sinn. Brostuigh! táir an-leadránach leis an leitir sin: ag caitheamh an iomad aimsire léi. Briseadh as an oifig é toisc é do bheith leadránach: ná bíodh sé in am cheart chun oibre.

leadránaidhe: (**leadaránaidhe**) *f.4.* duine mall, síománaidhe, snámhacánaidhe neamh-éascaidh, duine liosta. Leadránaidhthe oidhche (rinnce etc.) iad san atá ag triall abhaile ar ádhmhaidin: daoine go mbeireann siléig ortha. Bheadh aonne ge baile anois go mbeadh aon mheas ar thigh ná ar áit aige ach leadránaidhe éigin go gcoimeádfadh súgán sneachtaidh é: duine go mbíonn sé geinte sa chnámh aige gan aon fhonn chun a dhualgais air. Ní haon leadránaidhthe na géadhanna fiadhaine ambliadhain: táid tagtha luath go maith. Leadránaidhe capaill ar bóthar a mheilfeadh an croidhe ionat d'iarraidh siubhail do bhaint as: mall, neamh-éascaidh. Beam silte leis an ocras ag feitheamh leis an leadránaidhe freastalaidhe sin .i. atá ag meilt aimsire thar mar budh chóir.

leadrántacht: (**leadarántacht**) *b.3.* siléigeacht, síománaidheacht, snámhacántaidheacht. Cad é an leadrántacht atá ort tímcheall na conntabharthach? an ag faire ar aonnidh do shluid ataoi?: ag déanamh siléige go toilteanach. Ná bí ag cur leadrántachta orm, tá deifir orm: ag brughadh orm chun me do mhoilliughadh. Dá ngluaisinn nuair chuala an scread bhéarfainn gan báthadh air mara mbeadh an leadrántacht a dheineas, dar liom nár ghábhadh dhom deifriughadh: moille a's siléige ná raibh aon leathscéal di.

leagadh: *f.* (*-gtha*) treascairt, baint de threóir, tuiteam, teascadh, spealadh, claonadh, léith, lacáiste, laghdughadh; cromadh, deallramh, cóir, cuma, cóiriughadh. Bhain capall leagadh asam gur briseadh mo chos: tuiteam. Chuaidh an bheirt ag leagadh lé chéile .i. ag iomrascáil d'fhéachaint ceaca a thabharfadh an talamh don duine eile. Is náireach an rud bheith ag leagadh an oiread crann in Éirinn a's ghá n-árdach thar lear: ghá dteascadh (ngearradh). Na tighthe breághtha go léir atá dhá leagadh ón aer: ghá chaitheamh chun talmhan. Is iongtach an leagadh a bhfuil bainte gen spealadóir sin: bearradh: gearradh. Níl baoghal ná go bhfuil leagadh id speil má dhéanfadh faobhar é: gearradh barra. Urchar cruinn aige ag leagadh gach éan a gheóbhadh 'n-a threó: ghá dtreascairt chun talmhan marbh. Ag leagadh an tseóil chuaidh an téad in achrann: ag ísliughadh. Mara bhfaighead aon leagadh i gcíos an tighe seo fágfad; tá sé ró-árd ar fad: lagughadh: lacáiste. Bí aireach leis an ualach síos leis an ngort, tá leagadh géar leis: tuiteam: fánaidh. Tabhair leagadh ó thuaidh dod láimh: druid sa treó san í. Sin falla a thuitfidh tá leagadh mór aige:

leathcheann. Nách mór go léir an leagadh atá leis an áit seo aige go dtagann sé gach bliadhain: claonadh lé teacht: léith. Leagadh an domhain atá gen ngaoith lé séideadh adtuaidh .i. bíonn sí as an áird sin go mion, minic. Dá dtabharfá cunntas cruinn dom ar leagadh na háite táim deimhnightheach go ndéanfainn m'eólas ann: an chuma atá sé suidhte maidir lé háiteannaibh eile. Cén fáth ná beadh leagadh agam leis a's gaol geairrid agam leis: léith: muinnteardhas. An bhfuil an long ag leagadh leis an dtalamh?: ag caitheamh leis: a tosach iompuighthe breis 'n-a threó. Ná dein oiread leis agus lámh do leagadh air: lámh do bhualadh air. Tá leagadh mór ar luach an phlúir: ísliughadh: tuiteam sa luach. Thiocfadh an chinneamhaint ar leagadh na súl: ar phrap na súl: gan puinn moille. Budh gheairrid an mhoill ar dhigh láidir tú do leagadh: tú do threascairt chun talmhan. Fear teann, talamhaidhe d'aindeóin a aoise gan aon leagadh fós as: cromadh. Bhíodar ó leagadh go leagadh nár bhfios duit ceaca dob fhearr: mar bheidís ar gach re treascairt. D'aithnigheas ortha ná raibh aon leagadh lém chuideachtain aca a's d'fhágas .i. gan iad do bheith taobhach.

leaghadh: *f.* (*-achta*) táthughadh (sneachtadh), scaoileadh, caitheamh, tuaslagadh, bruithneadh. Lá leachta an tsneachtaidh an lá is fuaire .i. go ndeineann uisce dhe. B'iomadamhail an chinidh tamall iad agus gan duine aca ann anois, nách mór mar d'imthigh an leaghadh ortha: mar fuaireadar bás nó do scaipeadar. Imtheóchaidh an leaghadh ar a gcuid airgid mar nách go cóir ná go ceart do deineadh é: imtheóchaidh scaipeadh air. Leaghadh na log air!: nára fhanaidh aige ach ionad na súl. Tá na súile an-olc anois aige, táid ag leaghadh air: ag meath. An leaghadh ar fad atá ort tímcheall an tighe, aon rud ní dheinir i gceart: neamhchríochnamhlacht. Ar dtúis d'éirigh mórán éisc ar barra, ach níor bh'fhada go ndeaghaidh leaghadh air: gur imthigh cuid mhór de fé loch: gur mhúch sé. Budh scannruightheach an scailp cheóidh a's budh scannruighthighe 'ná san é mar ná raibh aon leaghadh ag dul air: scaipeadh: éadtromughadh. Ach é do leaghadh is maith an íle dheineann iasc an róin: é do thuaslagadh. Leaghadh Dia orm má dhéanfainn rud chómh gránda leis ar chapall: scriosadh ó láimh Dé. Indé pósadh leaghadh Dia agus lom amhgair: fear nár mhaith aonnidh a's bean ná raibh tada spréidhe aice. Leaghadh Dia ná raibh orm go raibh an ceart ar fad aige sa méid adubhairt sé: nár agraidh Dia orm géilleadh dho .i. an ceart ar fad a bhí aige. Leaghadh chubhráin na habhann go n-imthighidh ar a bhfuil aige mar is é a shroich go héagcórach é .i. go n-imthighidh ar an gcuma san gan rian. Tá an leaghadh leachta ar a raibh agam .i. é scaipighthe gan a thásc ná a thuairisc. Ní fheicim go soiléir in ao'chor anois é, tá sé ag leaghadh orm: ag múchadh: ag ceileabhradh. Ná bí ag leaghadh an lae orm léd chuid cainnte, ach pé rud atá uait abair é: ag caitheamh gan tairbhe. I dtosach an lae d'fhanamair i bhfochair a chéile, ach i gcaitheamh an lae chuaidh an leaghadh orainn: scaipeamair ó chéile. Leaghadh Chlainne Mhóire ortha do sheól an cat fé dhraoidheacht .i. ní feachtas neach ó shoin aca. An cnapán a bhí im bhléin tá leaghadh mór air .i. an t-at ag imtheacht as. Leaghadh an tsneachtaidh ortha: scaipeadh gan fagháil. D'imthigh an dime-leaghadh ar fad air lé holcas: gan aon chosc air.

leaghadóir: *f.3.* duine leachta, duine leathan-ladhrach, scaipightheóir. Dá dtuilleadh sé airgead Dhéamair d'imtheóchadh sé go léir trí n-a ladhrachaibh (ladhraibh) an leaghadóir: duine gan aon bhunadhas coimeádta ann. Leaghadóir ar airgead eisean, chídhim ag caitheamh é mar thuilleann. Da mhéid biadh do thiocfadh 'on tigh seo is ionann é gen

leaghadóir mná atá agam: bean gan aon bhainistighe ag baint léi: bean neambaileach. Leaghadóir ná tháinig abhaile chun tighe ná áite riamh roim breacadh lae go dtugtí Séamas na Maidine air: ragairneálaidhe.

leagaim: *b.a. 7 n-a.* treascraim, raidim (buailim) lé fánaidh; bainim de bhonn, tógaim tóin thar ceann; íslighim; millim, bainim, teascaim; claonaim, maithim; luigheaduighim; tugaim lacáiste ann; leigim anuas. Leag do lámh annsan, is breágh liom bualadh leat: croithimís lámh. Leag do lámh (ceann etc.) ádhbhairín: ísligh í. Ná leag do cheann d'aonne choidhche, ná fuilir chómh maith lé fear: ná humhluigh d'aonne. Leag an bórd i gcóir na proinne: cuir gach aon rud air a theastuigheas uainn. Leag na cártaidhe ar an mbórd: cuir iad air. Cár leagais t'ualach?: cár chuiris díot (uait) é: scaoilis é. Cár leagadh tu go bhfuilir salach, barcach?: treascaradh: cuireadh go talamh. Ná leag lámh ar neach gan cúis: ná buail: ná dein a dhíth. Riamh níor leagas súil ar mhnaoi dob áilne 'ná í, dar liom: ní bhfuaireas amharc air. Leag air (cárta)!: buail é. Leagadh a thuilleadh agaibh air: cuiridh breis (airgid etc.) sa bhailiúchán. Ná leagtar ar oiread a's aon phoinnte amháin ó thuaidh: ná géilltear: ná claontar sa treó san. Ní leagfadh sé anall liom tréis a iarraidh air a's cheapas nár mhian leis bheith im threó: ní dhruidfeadh chugham. Leagadh in úir é sa pharóiste seo: adhlacadh é. Ní hamhlaidh do leagadh cíos do ach árduigheadh air é: ní haon lacáiste nó luigheadughadh do fuair. Nách air do leag Dia a lámh an lá thoilteanuigh sé le haistriughadh as an áit mhillte sin: do thug Dia a bheannacht do. Dar fiadh, leagfad lámh ar mo chroidhe a's tabharfad in aisce dhíbh é: bhuailfead: bead flaitheamhail. Leag do lámh chun an tighe lá éigin a's cuir clódh air: dein rud leis a chuirfeas feabhas air. Riamh níor leag sé lé poilitidheacht: níor chuir suim innte. An lá a tháinighis san áit anacair seo do leag rud éigin mallacht ort: buaileadh ort í. Leag do dhrom lé falla a's fill do ghéaga, a scraiste dhíomhaoin: coimeád na fallaidhe 'n-a seasamh. Leagaimís uainn é mar scéal, ná fuil an iomad sians déanta againn air: éirighimís as. Leagtar an cúrsa i láthair na dlighe, annsan réidhteófar é: cuirtear fé bhrághaid socruighthe é. Puth det anáil do leagfadh é .i. cómhartha laige .i. leagfadh sop tuighe é. Tá claoidhe maith dhá fhagháil aige ach níor leagadh fós é .i. níor cuireadh ar lár ar fad. Is iomdha fear maith do leag an t-ól: bhain dá bhonnaibh é: do bhris sé amach. An rud úd adubhart leat leag (do) chos air: congaibh 'n-a rún é. Leag do ghlór nó cloisfidh an baile thu: ísligh. Leag do thón annsan: suidh ann. Níor leagais t'aigne riamh air: níor bhodhrais do cheann leis: níor thugais do smaointe air. A chroidhe ar fad do leag sé uirthe: thug sé a ghrádh go hiomlán di. Ná leagadh aonne air gur b'é is bun leis an mbóthar san d'iadhamh: ná cuireadh neach mar chúis air é. Leagadh ort é, mhuise, ambriathar: cuireadh id leith é. Níor leagas oiread a's éan!: níor lámhachas. Do leagas chuige anuas culaith nuadh éadaigh: thógas anuas as a hionad chuige. Leag sé siar bonn ar bonn sé deocha: d'íbh: chaith. Leagadh mo cheann i gcoinnibh an fhalla a's gearradh: caitheadh nó buaileadh lé héigean.

leaghaim: *b.a. 7 n-a.* scaipim, caithim, táthuighim, scaoilim, tuaslagaim, bruithnim. Na súile go leaghaidh ionat maran ort atá an brón 'n-a dhiaidh!: leacht go né dhíobh. Do leaghaidh (leig) a raibh 'en tsaoghal aige: chuaidh a chuid ar fad ar neamhnidh. Leigheas mo shúile féachaint an bhfeicfinn in aon áit thú: d'fhéachas go cruinn, géar i ngach treó. Dá leigheadh na súile, ní fheicim faic .i. dá mbeinn ag féachaint go dtuiteadh an t-anam asam .i. dá fheabhas bheinn ag breithniughadh. Bheadh sé chómh maith agat éisteacht a's gan bheith ag déircínteacht orm-sa, ní leighfeadh do bhriathra bláith mise: ní

chorróchaidís me chun aon ruda do thabhairt duit. Ceódh róthrom é seo ná leighfidh gan mórchuid gaoithe: ná scaipfidh: spréidhfidh. Ní leaghfaidh an fhearg de súd chómh bog ’sis dóigh leat: ní imtheóchaidh ar fad. Go deó ní leaghfaidh teas mo ghrádha dhuit: ní mhúchfaidh. Do leaghaidh an lá thall ’sabhfus orm sara raibh a fhios agam cá rabhas: d’imthigh sé gan puinn críche do dhéanamh de maidir lé gnóth nó obair. Dar leis go bhfeacaidh sé an amhailt roimis amach a’s gur leaghaidh sí ar leagadh na súl!: gur mhúch: cheileabhair. Leaghfadh na clocha glasa lé truagh dhi ’n-a brón: ghoillfeadh a brón ar an gcroidhe budh chalcuighthe a’s budh neamhthruaighmhéilighe. “A dhuine, ná cruinnigh an stór, mar leaghfaidh sé ar nós an tsneachtaidh uait” (amhrán): imtheóchaidh gan a thuairisc. Ná bac san, leaghfaidh a chuimhne fós uait dá mhéid do ghoilleann sé ort: scaipfidh uait. Leaghfá croidhe aonne a bheadh ag éisteacht leat ag gol: chuirfeadh sé truagh agus taise aige dhuit. Imthigheann an néal (fearg) de mar leaghann an deatach: spréidheann: cheileabhrann.

leaga liatha: Ní saidhbhir atá súd in ao’chor ach tá na leaga liatha aige: ualaighe dhe curtha tharais aige. An long do cuireadh ar tóin puill an lá eile bhí na leaga liatha innte dhe gach aon tsaoghas: saidhbhreas trom.

leagan: *f.1.* cóiriughadh, órd, tuiteam, riar, lacaiste. Bíonn gach aonne a’s a leagan féin aige ar gach aon scéal go maidean: ní mar a chéile a thaidhbhsigheann an rud céadna do gach aon bheirt. Mheallfadh leagan a súl na céadta: sileadh: suidheamh. An leagan céadna nách mór atá ag an mbeirt aca air: an chuma chéadna. Ar tugadh aon leagan sa bróga duit as airgead síos do dhíol asta: lacáiste.

leagtha: (**leaca, leagaithe**) *a.r.* caithte fé thalamh, ar lár, treascarta, scriosta, bainte, gearrtha, luigheaduighthe, claonta, cromtha; mór lé, íogair i dtaobh, ceapuighthe. Na mílte tigh leagtha ón aer ag pléascánaibh gan faic ionta anois ach na fothracha: caithte anuas: scriosta. Éireóchad as, táim leagtha: ar lár: tá buaidhte orm. Níl pingin chíosa leagtha fós dom: luigheaduighthe. Trí chéad púnt don nduine aca leagtha ge n-a n-athair dóibh: gearrtha dóibh. Dá mbeadh sé leagtha ar theacht is fadó bheadh sé annso: ceapuighthe aige. Ó tá m’aigne leagtha agam ar gan corruighe coise do dhéanamh ní haon mhaitheas bheith ag tafant orm: suimeanta: socruighthe. Is beag aon bheirt atá chómh leagtha lé chéile a’s táid, d’íosfaidís as lámhaibh a chéile: chómh mór: báideamhail. Bheinn níos leagtha lé dul ann dá mbeadh aithne agam ar aonne ann: níos mó fonn orm. Slinnteacha leagtha des na tighthibh lé gaoith: bainte as a n-ionad a’s iad tuitthe ar an dtalamh. Leagtha bheidh an lampa agat mara mbír aireach: caithte as a ionad. Ní raibh seanthigh san áit ná fuil leagtha a’s tigh nuadh ’n-a ionad: tairngthe nó caithte anuas. Níl crann sa ghort ná fuil leagtha tréis na hoidhche: ar lár: bainte nó caithte as a sheasamh. Déarfadh aonne go bhfuil sí an-leagtha ort, bíonn sí go mór id chúram: ceanamhail ort. Tá na céadta mílte acra leagtha amach lé cur fén gcéachda: comharthuighthe. An méid seo den bpáirc leagtha amach chun peile: sínte amach. É leagtha amach ar an gclár go breágh, galánta: sínte amach ’n-a chorpán lé torramh. Táimíd leagtha anuas go mór agat sa luach ’e bhreis ar dhaoinibh eile: íslighthe, luigheaduighthe. Is iomdha fear maith bheidh leagtha sa chogadh so sara mbeidh deireadh leis: sínte: marbh. An long ar ancaire a’s a seólta leagtha: bainte anuas dá crannaibh a’s dá slataibh. Tá cloch amháin leagtha as an seantheampall: bainte nó tuitighthe as. A cheann leagtha ar an stól aige: buailte air. An

biadh leagtha ar an mbórd: curtha air. Mo hata leagtha san lathaigh orm: tuitighthe nó caithte (rud nách maith liom). Nách leagtha chun drochaimsire, etc., atá sé lé geairrid: claon le. Beidh lorg anois ar an sluid sin, cá bhfios d'aonne nách leagtha i dtalamh atá sí: curtha i bhfolach ann. Tá sé leagtha im aigne go seasóchaidh an cogadh so i bhfad: suidhte ann: dulta 'n-a luighe orm. Is furaiste foghail mar a mbíonn clathacha leagtha (leagaithe): clathacha ar lár: bainte dá mbonn. Leagtha lé hól: gan bheith i ndán éirghe. Cé ná creidim-se é, a's mórán nách me, tá sé leagtha ort gur tu a dhein an ghoid: curtha (ort) id leith. Um an dtaca go bhfeaca-sa an bád bhí sí leagtha ó thuaidh: caithte ó thuaidh nó a cúrsa athruighthe sa treó san.

leaghta: (**leachta**) *a.r.* scaipighthe, spréidhte, scaoilte, scartha, tuaslagtha, bruithnighthe. Cá truagh is mó ná duine leaghta go n-imthigheann a chuid soir siar os chómhair a dhá shúl amach gan iarracht do dhéanamh ar bheith baileach: neamhshuimeamhail, neamhchruinn. Bailightear an t-arbhar, tá sé ró-leachta ar fuaid an ghuirt, cuid annso a's cuid annsúd: scaipighthe, neambaileach: fuar, fánach. Airgead ró-leachta, airgead éisc .i. imthigheann sé go bog. Cuarduigh go maith, b'fhéidir go mbeadh pinginidhe leachta ar fuaid do phócaidhe: beagán annso a's annsúd. Tá na prátaidhe sin beirbhthe ní fuláir, dá mbudh clocha iad bheidís leaghta ar an raidhleán teineadh atá fútha: tuitighthe as a chéile. Cainnt ró-leaghta atá ag teacht auidh, níl an fuinneamh innte, mar ná fuil an cruinneas innte: scaipighthe: ceal ceart cuibhrigh ar na smaointibh atá sé d'iarraidh do chur in iúil. Ní fada uaidh an chabhair, tá an chainnt leaghta air: rádhmhaill: seachmall 'n-a ghlór. A raibh riamh aige leaghta lé ragairne: imthighthe soir siar. Ar maidin bhíomair cruinn baileach i dteannta a chéile, acht um thráthnóna bhíomair an-leaghta, ní raibh aon bheirt againn i bhfochair a chéile: scaipighthe. Cnoc chómh hárd san ná feacthas an sneachtadh leaghta riamh air: uisce do bheith déanta dhe. Tá sí leaghta anuas air, ní fhágann sí in ao'chor a radharc: imthighthe bán 'n-a dhiaidh: go mór i ngrádh leis. Tá an long san leaghta airís orm: imthighthe as mo radharc. Airgead leaghta cruaidh leaghta: tuaslagtha go mbí 'n-a leacht mar uisce.

leagthóir: *f.3.* duine nó rud a leagas, a chaitheas chun talmhan, a chuireas ar lár. Ní holc an leagthóir í an ghaoth, a bhfuil de chrannaibh stracaithe as a bpréachaibh aice. Is maith gnóthach atá leagthóiridhe i Lonndain an aimsir seo ag gabháil des na fothrachaibh i ndiaidh na n-eiteallán ionsaighthe: daoine atá ag tarrac 'sag caitheamh anuas na bhfallaidhe briste.

leaingín: (**leaincín**) *f.1.* buile leis an mbais. Dá bhfaigheadh seisean an rud atá tuillte aige, leaingín, dhéanfadh sé smut den gcainnt do bhaint de: buile treasna san aghaidh leis an mbais. Nuair imthigheann aon rud ar aonne a dheineas dochar saoghalta dho, deirtear, "tá leaingín fachta aige". Buail leaingín air.

lealghaim: *b.a.* sughracaim, lighim, léapálaim. Lealuigheann an bhó an laogh tréis a bheartha dhi: leapálann gach pioc de. Nách gleóidhte a lealuigheann an piscín bainne den scáiltín: a bhailigheann lé n-a theangain chun a ólta é. Lé dúil sa digh lealuigheann sé na gloinidhe: leabann iad lé sástacht.

leamh: *a.* gan blas, mío-thaithneamhach, gan sásamh, baoth, aimideach, táir, searbhasach. Budh leamh leis bainne do thabhairt do faid bheadh tarrac ar bheathuisce aige: neamhthaithneamhach: neamblasta. Is leamh, is dócha, mar ghnóth leat, tú do chur ag sclábhaidheacht: táir: úiríseal. An té ag tarrac an fhaid sin go bhfuil blas leamh air: gan aon spionnadh. Ní fhéadfá rud budh leimhe do rádh ná ná luigheann cás chách ort: budh shearbhasaighe: budh lugha spiride. Deirim-se leat gurb é a bhí go leamh de féin nuair dubharthas leis gan a cheann do sháthadh in aon rud nár bhain leis: déisteanach: bréan de féin. Blas leamh a bhíos ar ubh gan salann: neamhshásamhach. Budh leamh leis an siopadóir daoine 'n-a shiopa ag brughadh cainnte air a's gan faic dhá cheannach uaidh: budh bhréan leis míoshásta mar ghnóth é. Duine leamh é, ní bhfaighim ádh ná ealadha air lá dá shaoghal: ná féadfá spéis do chur ann. Duine leamh thu agus a thuigsint go bhfaghfá gach aonnidh chun do shásta: baoth. Is mór an leamh é ná beannóchadh sé do dhuine: táir: droichmheas.

leamh-: *i gcfh.* neamhdhearbhtha, bréagach, táir. D'aithnigheas ar a cheannaghthaibh gur leamh-áthas a bhí air me do bhualadh leis: gur ag leigeant air do bhí sé. Dá gcloisfeá an leamh-aithris do bhí dhá dhéanamh aige ort, d'fhonn droichmheasa do chur ort: aithris mhagaidh. Dá mbeadh gach aon rud agat mar tá leamh-aighneas agat b'fhearrde thu é: cainnt mhagaidh. Riamh ní raibh ag an mbuin gcéadna ach leamh-bhainne: gan blas. Is mé bhí go leamh-bhuidheach díom féin tréis mo shaothair a's gan aon mheas orm: déisteanach. Is olc an beirbhiughadh atá ar an bhfeóil seo, níl sí ach leamh-bhog: tosnuighthe ar bheith táthuighthe. Ní bhrathaim go maith in ao'chor tá leamh-bhlas im bhéal: blas neamh-nádúrdha. Is leamh-bhaoth an rud d'aonne bheith ag caitheamh éadaigh thar a ghustal: ait, amadántamhail. Leamh-bhuillidhe atá agat dhá thabhairt do, aon rian ní chuirfir choidhche air: buillidhe gan éifeacht ná cuirtear an croidhe ionta. Ná bí chómh leamh-chiallmhar a's tabhairt fé dhul abhaile oidhche chómh huathbhásach léi seo: amadántamhail. Is cosamhail lé leamh-chainnt leinbh atá ar siubhal agat, ná beadh éifeacht éigin leat: cainnt ná cuirfeadh duine suim innte. Cuiridh uaim an leamh-chómhrádh a's labhraimís ar rud éigin lé héifeacht: cómhrádh gan buanadhas. Ná bí chómh leamh-dhána a's tabhairt fén bhfaill dhiamhair sin gan téid: rócheanamhail ar dhul i nguais. Nuair bheadh an tástáil cheart air is baoghal liom gurbh fhear leamh-dhílis é: gur bh'fhuraiste é do chur i ndiaidh a chúil: gan a chroidhe in ao'chor do bheith 'n-a iarrachtaidhibh. Leamh-éileamh a bhí aice air a's a rádh nár phós sí é: gan teasaidheacht: gan blas, gan dath. Caith uait an té leamh-fhuar san nó cuirfidh sé an t-éag ionat: fuar a's blas coimhtheach neamhshóghail air. Nuair chromas ar Éirinn do mholadh nár spadánta an dream a bhí ag éisteacht liom go rabhadar ag leamh-gháiridhe fúm: ag déanamh gáiridhe magaidh gan aon bhunadhas leis. Ní maith liom in ao'chor an leamh-ghreann atá agaibh fúm: ag déanamh grinn magaidh fúm. An té ná tagann isteach 'on eaglais a's dul ar a glúinibh in ionad fanacht amuigh ní dheineann ach leamh-ghuidhe: guidhe ná tagann ón gcroidhe. Leamh-ghrádh a bhí aice dho, chómh luath agus fuair sí cao air thréig sí é ar son fir eile: grádh fuar. Níor dheineas ach magadh do leamh-gheallamhaint chabhartha Shasana don nGréig: nár tugadh lé dúthracht. Chómh lag san do nár thug sé ach leamh-iarracht ar bhuidéal an dochtúra d'ól: lag: neamhfhonnmhar. Scéal maith agat mara mbeadh an leamh-innsint a thugais air: gan fuinneamh: gan mhotháilt. Dá mbudh me thu ní bheinn chómh leamh-inntineach agus go mbeinn do shíor ag trácht ar rudaidhibh beaga suaracha gur b'iad cúirimidhe na ndaoine eile iad. Thar a raibh de chainnteóiridhibh ann

ní dheárna aonne leamh-labhairt ann ach é, ní dóigh liom gur éist fiche duine: cainnt gur dheacair suim do chur innte. Beireadh sé leis ná teastuigheann uaim aon bhaint do bheith feasta agam leis, go bhfuilim leamh-lán dá chuid cleas a's bóithre: dóthanach agus bréan. Cuir uait do chuid bóithre anois, ní éisteóchadh aonne léd leamh-leithscéal: leithscéal ná tabharfadh aonne cluas do toisc a shoiléire é do bheith bacach. Cad tá ann ach leamh-mhagadh ceart daoine thar ceanntar amach do bheith ag fagháil oibre annso ar an am ná faghaimíd féin í: fonmhód a's easmailt. Is aca san atá an leamh-mheas orm-sa toisc m'olcas chun farraige: cuirim déistin ortha. Féachaidh, an leamh-náire atá ar an leainbhín teacht i ngiorracht do dhuine: ag leigeant neamhmuinnteardhais air. Prátaidhe lán d'fhochalaibh, is ionta ná fuil ach an leamh-oileamhaint: leathscéal bídh: neamhscabhárd. Níor bh'aon rud liom, dar fiadh, babhta seóidh nó magaidh do dhéanamh fúm ach ní thaithnigheann leamh-phastaireacht liom: cainnt dheiliúsach, scigeamhail. B'í sin féin an leamh-raidhse do fuaireas lé n-itheadh uatha, an moladh go léir air a's gan leath mo dhóthana agam: an cantam ná raibh dúthracht ná flúirse ag baint leis. Leamh-réasún dómh-sa uaidh a rádh gurb é fáth do chongaibh sé mo chuid den airgead a cheal do bheith air féin: gan aon deallramh: gan tábhacht dom. Dá mbeifeá ag maoidheamh asat féin go dtuitfeadh an búndún asat! Níl agat ach leamh-scleó: scaothaireacht gan cur leis: scórnaghal bhrághad dhíomhaoin. Na leamh-shócamaisidhe do thugadh sí sin dos na daoinibh chun a leighiste, mar dheadh, is mór an mhíorbhailt nár mhairbh aonne leó: oideasaidhe gan bhlas, gan dath, gan bhrigh. Sin í féin an leamh-shuim a bhíos ag cuid aca sa Ghaedhealaing, gan í do labhairt eatartha féin in ao'chor ach leó so go bhfuil sí ó dhúthchas aca: suim neamhdhúthrachtach, mí-dhílis. Stad den leamh-thafant, ar mhaith liom nó nár mhaith liom, ach iarr as an gceann tsláine orm rud do bheith agam: iarraidh an-lag. Pé uair feasta a thairngeóchair-se m'ainm-se anuas ná dein aon leamh-thagairt di: ná cuir aon rud im leith a thuillfeadh mímheas dom nó ná labhair go maislightheach orm. Beir gan císte, tá eagla orm, mar ná fuil agat ach leamh-thaos: rólag: aithris taois. Is fada buidhe fós ón arán san níl fós air ach leamh-thathughadh .i. ach a rádh go bhfuil an teas gabhtha aige. Dá gcreidfeá me leis, níl agam ort féin ná ar do ghníomharthaibh ach leamh-thuairm: tuairm shuarach, sprionnlaithe. Tusa, ní ghá chasadh leat, a néas na leamh-úrnaighthe, ag cainnt 'sag féachaint id thímcheall furmhór na haimsire: paidreacha gan dúthracht.

leamhach: *f.1.* leirg chiúin ar bharr uisce de bharr íle éisc ráthaidheachta. Tá an fharraige 'n-a leamhach: an-chiúin ar fad. Fic **léinseach**.

leamhachas: *f.1.* baothas, neamblas, míothaithneamh, searbhas. Bíonn leamhachas ge baile air toisc an méid cainnte a bhíos lasmuigh aige: bítear míobhuidheach de. Níl ann ach leamhachas d'aonne maitheas do dhéanamh ar an té ná cuimhnigheann air: aiteas. Tá leamhachas agam ort ná tugann aire dod chuid airgid a's gan bheith ghá chaitheamh ar raispínidhibh gan mheas: searbhas: mímheas: déistin.

leamhán: *f.1.* crann mór, árd, toirteamhail, fadshaoghalach (tímcheall trí chéad bliadhain) duille-shilteach, duill-bhearach, garbh-choirteach. "Díngc den leamhán do scoilteas í féin".

leamhan: *f.1.* feichid bheag sciathánach a mhaireas ar bheith ag creimeadh éadaigh. “Ná cruinnighidh ionmhas ar an dtalamh mar a dtruailligheann an leamhan a’s an mheirg, agus mar a dtochlaid a’s ghoidid na bitheamhnaigh” (Matha VI. 19). Fágadh an t-éadach sa chófra gur ith na leamhain é .i. níor baineadh puinn áise. Taoide Oileáin na Leamhan .i. a ghaibheas lasmuigh andeas ón Sceilg.

leamhas: *f.1.* domblastacht, míothaithneamh, mío-shásamhacht, táir, searbhas, seanbhlas. Is mór an leamhas ar an earra fhlúirsigh i gcómhnaidhe é ná féachfadh ceannuightheóiridhe siar uirthe: mí-mheas: tarcuisne. Tréis a ndéanfair dóibh ní bheidh aca ort ach leamhas, mar is annamh do chúitightear an mhaith: ceal meas. ’Sé an leamhas é, ambaist, daoine go bhfuil seanaithne aca orainn ag tabhairt a ndroma orainn: neamhthor nó neamhúidh gan tuilleamh. An tslighe do chídhim an fáslach san a’s na gothaidhe go léir atá fé cuireann sé leamhas orm: déistin. Beidh leamhas agat ort féin ag imtheacht duit mara scuirir ded ghiorraisc: déarfar rud éigin leat a chuirfeas seanbhlas agat ort féin.

leamhnacht: (**leamhanacht**) *f.3.* an bainne ar n-a chrudhadh te ón mbuin. Níl sé n-a leamhnacht ná n-a bhláthaigh againn .i. mar seo ná mar siúd .i. gan faic dá thairbhe. D’ólfá ar nós an leamhanachta é, tá sé chómh sóghail sin .i. aon deoch a bhíos so-bhlasta, so-chaithte.

leamhragán: *f.1.* spaid, scraiste. Má bhír ag brath ar an leamhragán san chun aon rud tábhachtach do dhéanamh duit, beidh thiar ort, mar ná déanfadh sé do féin a n-áirighim-se é do dhéanamh d’aonne eile: rud gan chrích. Fairidh ar an leamhragán! an tslighe atá sé d’iarraidh teine d’adughadh, a’s ná feadair sé connus breith i gceart ar thlúth: duine tuathalach.

leamhsaire: *f.4.* plámásaidhe, mealltóir. Féach anois ar an leamhsaire d’iarraidh tnúth lé rud éigin d’fhagháil, na boghaisínidhe a’s na gothaidhe atá air: an chuma thláith atá sé d’iarraidh dul i gcóir an ruda. An leamhsaire sin, mara mbeifeá ar t’aire féin air, mheallfadh sé a thár ón seangán: ag dul tríot isteach lé tláithinteacht chun a thairbhe féin. Leamhsaire maith seadh í sin chun a coda do dhíol .i. tá teanga bhreágh, mhilis aice a mheallfadh aonne.

léan: *f.1.* brón, aithreachas, aithmhéala, iomard, mairg, meargó. Bí ag cur díot anois a’s ná cuir aon léan orm mar tá an iomad lé déanamh agam: meargó. B’é an lá léin don mBeilg a’s do thíorthaibh beaga eile an lá chuadar in aghaidh na Gearmáine, mar is í gur deineadh an lomscrios ortha: an lá mío-áidh a’s aindeise. Léan air mar scéal, caithidh uaibh é, ná fuil bhur ndóthain cainnte déanta cheana air: droichchrích air! clogadh air! tochas air! droch-áird air! mairg air! droch-rath air! Chuir sé léan orm ná rabhas ’n-a shochraid mar budh mhaith an ceart dom an méid sin urrama do thabhairt do: mairg: míoshásamh aigne: buaidhreamh. Ní haon léan in ao’chor orm tú do bheith ag eascainghe orm, gaibheann sé laistiar síos díom: mairg ná brón. Mo léan géar! nár bheireas ar an té a ghoid mo hata do chuimneóchadh sé air an dá lá dhéag agus mhairfedh sé: mo thruagh mhór. “Mo léan géar” siúd é an fear go bhfuil an neart ann .i. bítear lán-deimhnightheach de. “Mo léan géar!” is airéir do bhí an gála ann .i. chuir sé in iúil go raibh sé ann. Léan áir

ort! cad a bhí ort, a bhreillice óinsighe! a's dul ag imirt lé teangmhálaidhe calaoise ná raibh aon aithne agat air?: léan an screasa go raibh ort (lé truagh): brón a's buaidhreamh (i ndiaidh na díoghbhála) ort nár thug aire dho féin. Léan a's áir a's léir ort, a bhacaigh buidhe na léige: brón a's tóir a's ruagadh ort! Léan áir ort! ar thóin capaill anáirde! .i. ar chapall go gceangaltar thu a's go dtugtar do bhúrdáil duit. Léan ort a's crosaim tu! nách aindeis mar éirigh an mísheól san duit: mío-ádh go raibh a's ná raibh ort (lé taise). Cad thárlaidh an turus so dho? bíonn léan éigin i gcómhnaidhe air: aindeise. Bhuail léan é gur thug sé easonóir dom agus ghaibh a leithscéal liom: aithreachas: aithmhéala. Tá ár namhaid dhá chlaoidhe a's ní léan linn san: ní mairg linn é. Bhí árd-léan air ná rabhais ag baile roimis tréis é do theacht chómh fada ar do thuairisc: brón mór. Léan orm-sa nár fhan im thost, annsan ní bheadh cao mhilleáin ag aonne orm: maisle orm! mío-ádh orm: aithreachas go raibh orm. Dá bhfaghainn bás ar maidin is gearr do bheadh mo léan ort: budh gheairrid mo chuimhne agat. "Cad scéal agat?" – "níl scéal léin ná séin agam" .i. ag stracadh an tsaoghail liom mar is gnáthach liom. Do léan-sa mo léan-sa: an lá a bhíos aonnidh ort ní maith liom é: do dhíoghbháil-se mo dhíoghbháil-se. Léan chun aonne a thabharfadh a chuid go léir do mhac ná d'inghin: iomard a dearmhaid air.

leanadh: *f.* (*-nta*) gluaiseacht i ndiaidh, claonadh. Tor madra ní bheadh agam ort féin ná ar lucht do leanta: cúlaistínidhe, tacaidhthe. Ag leanamhaint a leanta atá seisean riamh a's a rian air, is beag de speilp an tsaoghail air: ag tabhairt srianach dá mhiantaibh. Tréis a leanta riamh trí mhín a's gharbh ní raibh faic de bharr mo dhílseachta agam: tréis bheith ar a thaobh a's ag déanamh tacaidheachta leis.

leanaim: *b.a. 7 n-a.* téighim ar aghaidh lé; gluaisim i ndiaidh. Claoinim lé, deinim sians de. Lean de, táir ag déanamh go hiongtach (searbhas): an rud atá ar siubhal agat nó an fuadar atá fút ná staon de. Leanamair orainn d'aindeóin ar thárlaidh dúinn: níor athruigheamair an fuadar a bhí fúinn. Bhí cuideachta, deoch, biadh a's a leanas aca: agus mar sin de: agus a lithéid. Ná leanaidh siar a thuilleadh air mar chúrsa: ná deintear a thuilleadh sians de. Lean ar do láimh, táir ag déanamh go seóigh: mar tá agat dhá dhéanamh anois dein. Ná lean ar an bhfear bocht é, níor thuig sé cad a bhí dhá dhéanamh aige: ná bíodh aon mhilleán agat ar n-a thaobh. Leanann an fear san an dlighe: sin í ealadha atá aige. Lean an casán a's béarfaidh ar t'eolas. Lean sé lé n-a shúil gach cor dár chuireas díom: choimeád sé amharc cruinn orm. Leanfaidh a thuilleadh é seo fós: níl deireadh fós leis: tiocfaidh buadhairt (breis) 'n-a dhiaidh. "Gidh bé ghnídh seirbhís dómh-sa leanadh sé me" (Eon XII. 26): deineadh sé rud orm. "...agus tabhair dos na bochtaibh [é] agus gheóbhfaidh tu ionmhas ar neamh agus tair agus lean mise" (Matha XIX. 21): dein aithris ar mo bheatha-sa.

leanamhain(t): *b.3.* claoidheachtaint le, dul ar aghaidh, gluaiseacht i ndiaidh; tacaidheacht; lucht cabhartha, báidhidheacht, éileamh, caitheamh le. Ní haon fhonn stadta atá ar an gcogadh so, ag leanamhaint air atá: ag buanughadh air: ag coimeád cothuighthe air. Sin daoine ná fuil aon leanamhaint agam ortha: ná bím i gcúram muinnteardhais nó baint do bheith agam leó. Níor bhuail sé liom riamh in aon áit ná beadh sé ag éileamh leanamhna orm: bheith mór, báidheamhail liom. Ná bíodh aon leanamhaint agat ortha san ar do shon féin, mar nách aon deaghshaghas iad .i. éileamh cuideachtan nó bheith 'n-a gcosaibh. Bíonn an bheirt ag leanamhaint a chéile i gcómhnaidhe: i bhfochair a chéile.

Glas a's eochair ag leanamhaint a chéile: ag dul lé chéile: ag gabháil lé chéile: ag oireamhaint dá chéile. Dem aindeóin tá an báirneach ag leanamhaint don gcarraig: ag ceangal di: ag coimeád a ghreama. Ag leanamhaint a leasa atá sí riamh: ag gluaiseacht ar bhóthar a leasa. Is fada, fairsing iad a lucht leanamhna, ní hiongadh dho bheith chomh teann-labhartha: cúlaistínidhe. Tá lucht fiach sa leanamhaint orm: ar mo thóir: d'iarraidh sásta do bhaint amach. Ar an lá spriocuighthe, mara mbeadh an cíos ar do bhais agat don dtighearna amach ar an mbán leat! nár mhór an ghéirleanamhaint í?: luighe go trom, dian, neamhthrócaireach.

leanamhnach: *a.* cómhnaidhtheach, i sraith, diansheasamhach, muinnteardha, grádhmhar. Duine níos leanamhnaighe 'ná é is deacair d'fhagháil, bíonn ar thórramh a's i sochraid, a's fiafruightheach, lághach: báidheamhail, muinnteardha. Bíonn siad an-leanamhnach ar a chéile: tugtha do bheith i gcuideachtain a chéile a's an-mhór. Namhaid leanamhnach ná fágfadh an chos agam ag faire ar chao mo bhasctha: dian ar mo bhonnaibh. Báisteach leanamhnach ná fuil malairt fuadair fé ná go mbeidh fliuch go maidean: chómhnaidhtheach: bhuan.

leanamhnachas: *f.1.* muinnteardhas, báidheamhlacht, léith, nidhthe in órd a chéile. I bhfochair a chéile go báidheamhail i gcómhnaidhe díbh is mór an leanamhnachas é: cuibhreach idir dhaoinibh a thagas as chion agus meas dá chéile. Pé iomard atá ar mhuinntir an bhaile sin ní bhíonn aon leanamhnachas choidhche aca ar a chéile: ní bhíonn báidheamhlacht conbharsáide aca ar a chéile. Treibh (treabh) mhór leanamhnachais iad san .i. bíd muinnteardha, fiafruightheach, báidheamhail. Tá leanamhnachas ag muinntir na tuaithe ar an dtigh sin ná fuil aca ar aon tigh eile ar an mbaile: tugtha do bheith ag tráchtáil ann.

leanbh: *f.1.* mac óg nó inghean óg, bunóc, gein beartha nó gan breith, focal ceana. Leanbh mic, inghine: garsún nó gearrchaile bunóice (óg). Nuair bhís id leanbh é siúd: an-óg. Id leanbh sa chliabhán .i. gan bheith i ndán siubhal fós. An rud atá déanta anois agat ní dhéanfadh leanbh ó airéir é: rud baoth. Bean gan leanbh is fada é a céalacan: bíonn sí ag síor-thnúth lé clainn. An leanbh bán ag gol 'san ghibeach i dtigh na gcómharsan .i. an peata a's an mháthair gan chrích. Feóil a thabhairt do leanbh, feóil do bhaint de leanbh .i. is deacair é do shasamh. Cíos do thighearna nó biadh do leanbh .i. ní piaclaighe duine aca chun a choda 'ná an duine eile. A leinbh, bí foidhneach: a dhuine (óig) mo chroidhe. Mo leanbh bán: mo leanbh gleóidhte, caithiseach. "Mo leanbh mo leathscéal" ars an bhean .i. is éigean maitheamh d'aonne a thugas leathscéal sásamhach uaidh (fíor nó bréag). Cá bhfuil leanbh an tighe seo?: an té is óige ann. "An rud a chídheas an leanbh ghníonn an leanbh": deineann aithris i rith a shaoghail ar an slighe do hoiltear as a óige é. An leanbh ó airéir me agat go mbeifeá d'iarraidh me do mhealladh: duine gan tuigsint. Ar an am gcéadna do bhí an bhean ag iomchar leinbh: torrach. Ars an bhean aosta a bhí ar an t-aon duine: - "leanbh as leanbhaidhibh nó leanbh cailín ach aonne amháin caillighe" .i. ní haon dochar a n-imtheacht maidir leis. Leanbh gan máthair, ní binn é a ghol a's ní geal é a gháire: is dubhach don díleachtaidhe leinbh. Grianán tighe teine nó leanbh maith: is mór an lúthgháir ar theinteán iad. Spéir gan réilthín teinteán gan leanbhaidhe: neamhshubháilceach an tigh ná bíd ann. An rud is beag ag fear is mór ag leanbh é .i. tugtar a cheannúireacht féin do dá shuaraighe thaidhbhseóchadh sé dhúinn. "Cion i ngan

fhios do mhnaoi nó do leanbh" .i. má cuirtear in iúil dóibh é beid d'iarraidh brabúch do bhaint as. Pógtar an leanbh lé grádh don mbanaltrain .i. bítear mór leis an leanbh d'fhonn báidh a mhuinntire d'fhagháil. Do saoghaluigheadh leanbh mic di, an Leanbh Íosa, "agus tháinig sé maille le treóir na Spioraide don teampall agus an t-am thug a athair agus a mháthair an leanbh Íosa do chun go ndéanaidís ar a shon dréir gnáthuighthe na dlighe" (Lúcás II. 27). Ní leanbh ná páiste anois thu ná go mbeadh eolas do chúraim agat .i. nílir chómh hóg ná chómh mí-threórach etc. Bíonn an duine 'n-a leanbh dhá uair .i. i ndeireadh a shaoghail thiar do bíonn sé chómh saonta a's bhí i dtúis a shaoghail. Is beag an rud a leagfadh súil leinbh: uaireannta ní deacair é do shásamh ach beagán den rud a bhíos uaidh do thabhairt do.

leanbach: *a.* saonta, neamhghlic, óg. "Tá réilteann leanbach cois sléibhe lastuaidh" (amhran): gan mhórtas, gan éirghe anáirde. Ná tuig go mbeinn chómh leanbach a's go scarfainn lém chuid airgid sara bhfaghainn an earra air: chómh hamadántamhail. Cainnt leanbach dhuit a rádh ná fuil tor agat ar aonne .i. díreach mar déarfadh leanbh ná beadh a chiall tagtha dho. Labhrann sé chómh leanbach san go n-inneósadh sí a mbeadh ar a croidhe duit, dar léi go bhfuil gach aonne chómh deaghinntinteach léi féin: oscailte, neamhghlic, neamhurchóideach.

leanbacht: *b.3.* saontacht, támáilteacht, neamhdhánaidheacht. An leanbacht atá ag cur ort a rádh ná héileófá do cheart?: támáilteacht. Chreidfeadh sé na lutharagáin lé leanbacht an duine .i. chómh saonta, soichreidim leis an leanbh féin. Féachtar an leanbacht atá air ag suidhe chun an bhúird, caithfear an biadh do chur 'n-a dhorn chuige: an neamh-dhánaidheacht: cúthaileacht.

leanbaidhe: *a. n-dh.* ar nós an leinbh, gan urchóid, naoidheanánta, saonta. Níl san in ao'chor chómh leanbaidhe a's tá deallramh air, d'imreóchadh sé a chnaipe lé fear: chómh saonta: neamhdhíoghbhálach, neamhghlic. Níor leanbaidhe an té a ghoirtigh é féin leis an sciain ná mise a thug do í: neamhchiallmhaire, neamhghasta. An té a chreidfeadh gach aon "príochán dubh" ní fhéadfadh sé gan bheith leanbaidhe: soichreidte: furaiste an dubh do chur 'n-a gheal air. Ná bíodh eagla ort ná go bhfuil sé leanbaidhe ar gach aon chuma cé ná féadfadh aonne bheith ag magadh fé: an-fhuraiste céstáil leis: 'n-a mheón chómh neamhurchóideach lé leanbh. Ná tógtar air rudaidhe do dhéanamh thar a thuigsint níl aige fós ach aois leanbaidhe: ró-óg chun céille do bheith tagtha léi. "An t-am do bhí me im naoidheanán do labhair me mar naoidheanán do thuig me mar naoidheanán a's ciall naoidheanáin a bhí agam acht ar dteacht dom go haois iomlán do chuir me na nidhthe leanbaidhe ar gcúl" (1. Cor. XIII. 11): rudaidhe a bhaineas leis an leanbh.

leanbaidheacht: *b.3.* ar aiste bheith 'n-a leanbh; naoidheanántacht, saontacht, neamhurchóideacht, ionnraiceas. Thoir ná thiar ní bhfaghfá anois é, tá an mheabhair an-neamhchruinn aige, tá sé n-a tharna leanbaidheacht: ar nós an leinbh. "Ar an adhbhar san díbir dobrón as do chroidhe agus cuir uait olc as t'fheóil; óir [is] díomhaoineas leanbaidheacht agus óige" (Ecc. XI. 10): túis saoghail dhuine a's a leanas é. Trím leanbaidheacht dom ní raibh focal dár chúm sé amach as a bholg dom nár shloigeas 'n-a fhírinne: saontacht: fusacht me do mhealladh.

leanbhán: *f.1.* bunóc, naoidheanán, peata. Bhíos im fhear fhásta a's tú id leanbhán i gcóta na cabhlach: id rud bheag gan puinn céille. Cé tá lém leanbhán?: atá ag déanamh meargó dem pheata.

léanmhar: *a.* brónach, aithreachas, goirtightheach, mairgeach. Is léanmhar an baile indiu é a's beirt báidhte ann: brónach. Árd-léanmhar ar fad do bhíos ná rabhas ag baile nuair tháinighis ar mo thuairisc: mío-shásta. Rud dá olcas dá ndeárna riamh ní raibh léanmhar air 'n-a dhiaidh: aon aithreachas air mar gheall air. Bead léanmhar i ndiaidh mo mhadra, mar bhí sé an-cheanamhail: braithfead uaim go mór é. Táid léanmhar airgead do bheith agam a's gan é aca féin: éadmhar a's cuirid in iúil é. Tinneas léanmhar im ucht mar ar buaileadh me nuair treascaradh me: goirtightheach: mairgeach. Ní fios den mbeirt céaca is léanmhaire nár phós sí aonne aca: is mó go bhfuil díombáidh air. Beidh cuid des na tíorthaibh seo léanmhar fós gur thairngeadar ortha an cogadh so: beid ag cáiseamh a ndochair go fada an lá.

leannán: (**leanán**) *f.1.* grádh, searc, rún cléibhe, bean acra. "Is fuath liom bean óg gan leannán": searc seasamhach. Bhí clann aige léi cé nár phósadar riamh, b'í a leannán í: bean acra: cóimhleapthach. Ní fhágfaidh an bacach so an ceanntar faid mhairfidh sé, tá sé 'n-a leannán sidhe ann: duine aitheanta a ghnáthuigheas an áit. Séamas an t-aon duine ar an gclainn mo leannán-sa: mo rogha. Úird an mhuilinn iarainn ní chuirfeadh uaim é, tá sé mar bheadh leannán sidhe agam: ag coimeád na coise i mball 'si mbeárnain agam. Budh láidir teann an fear tamall é gan easláinte, tá leannán sidhe déanta dhe anuas ar a chosaibh: duine dearóil, leice. An bás id choimhdeacht ar nós an leannáin sidhe: ag gluaiseacht taobh ar thaobh leat ón lá a rugadh thu. "Is dóigh lé gach leannán gur leó féin me nuair ólaim lionn": gach fear go mbím ag suirghe leis. Is cuma liom cad déarfaidh aonne mara mbeadh leannán sidhe éigin do bheith aige, ní chreidfinn 'on saoghal go dtabharfadh sé a chosa as an oiread san conntabhairt leis: bain-shíogaidhe chosanta. Tá leannán galair ar a ucht a thagann air leis na bliadhantaibh in aimsir thais: leantach.

leannda: *a. n-dh.* ól-mheidhréiseach, súgach, tugtha don lionn. "Ó! a mhaonach", arsa S. "duine tartmhar leannda seadh me nuair théighim i dtreó an tobair (tábhairne): dúlmhar i ndigh. Déarfainn ar an mionga beag a bhí sa tsúil aige go raibh sé mós leannda: breis a's bheith súgach. Ó, mo mhairg a's mo bhrón mór go raghad 'on talamh a's b'shiúd é an tigh leannda oidhche do bhainise: go raibh deoch siar síos ann: lé cur i mbrógaibh.

léanscach: *f.1.* (**léanscaire**) duine nó ainmhidhe gur dhóigh leat air nár ith a dhóthain riamh, caol, seang, seirgthe, scolfartach. An léanscach madra gunna san, d'íosfadh sé oiread lé cráin mhuice. Cá mbeadh an neart sa léanscach san? ní mór ná go bhfeicim tríd! .i. gan ann ach an scrogall 'san t-iogán: scáth duine. Trí léanscaigh mhuc go bhfuil a gcliatháin buailte ar a chéile 'e cheal a gcoda féin: rudaidhe ocracha, seirgthe.

lear: *f.1.* an bhóchna, an fharraige, an mhuir. Tá cosc ar earraidhibh thar lear: thar sáile: allmhuiridhe. Cuirfear thar lear thu má leanair des na feádhannaibh atá fút: díbreófar thu. Ní rabhamair ar lear le fada: ar muir. Is iomdha long luachmhar curtha fé lear ó thosnuigh an cogadh so: curtha ar tóin puill. Fir a's lón go lear aca chun bheith ag troid a chéile: flúirse. Daoine gan aon lear iad san, tá gach aon rud aca a iarrfadh do bhéal: gan

easbhaidh, gan cheal. Budh mhór an lear dómh-sa an garsún dom fhágaint mar is iomdha maith a dheineadh tímcheall an tighe: dochar.

lear: *f.1.* mórán, mórchuid. Ó, a mhic ó, is aca súd atá an lear (talmhan) annsúd, slios mór, leathan: na fichidí acra. D'áit bheag go bhfuil cuma bhocht air bheadh iongadh ort an lear (daoine) a chídhfeá ag dul chun na bpeictiúiridhe ann: an sluagh mór. "Féach, an bhas airgid atá aige" – "lear!": mórchuid. Ní lear liom-sa aon rud do dhéanamh duit budh mhaith dhuit: ní mór liom é: ní ciotaighe liom é.

léardha: *a. n-dh.* solasmhar, follus, soiléasta, riaghalta, cóirighthe, in órd. Nách léardha do shúil aonne an áit sin ach do dhallacán éigin: soiléasta: soifheicse. Níl an chainnt sin ró-léardha in ao'chor dom, tá focal nó dho an-chrosta innte: soiléir, sothuigse. Bean ghasta go bhfuil gach rud go léardha aice, gan ach a lámh do shíneadh chun aonnidh a bhíos ag tástáil uaithe: in órdughadh cheart: cóirighthe 'n-a ionad féin. Dá ndeineadh sé a chuid oibre níos léardha b'fhearrdide í, ach seal anois agus seal airís, tá cur siar ann: breis chomair do bheith léi.

learg: (**leirg**) *b.2.* slios, macha, casán, bealach, fánaidh. Caith thiar ar leirg do dhroma an mála so, taoi láidir: ar mhaoil do dhroma. Leirg thalmhan chómh breágh a's tá i gCúige Mumhan seadh í 'n-a cáilidheacht féin: réidhe: leathantas fairsing. Tógtar mórán éisc san leirg sin ó thuaidh ón oileán: i bhfairsinge na bágha ann. D'imthigh sé den leirg a's thuit lé faill: d'fhág sé an casán. Táthar ar leirg an té a dhein an marbhadh: ar a thóir: 'n-a dhiaidh.

léargas: *f.1.* soiléastatacht, solasmhaireacht, gile, ordughadh, riar. Sean-leathscéal aca mara mbeadh olcas léargais na haimsire go ndéanfaidís scrios ar a namhaid: ná raibh an spéir glan, glé a dóthain. Is iongtach an léargas atá ann indiu budh dhóigh leat go raibh an sliabh buailte leat: gile a's solasmhaireacht sa spéir. Ní hag fanacht leis an oidhche do bhí sé ach é d'fhuadach go neamh-nathamhail i léargas an lae: i gcorplár an lae ghléigil ghil. Nách aoibhinn é léargas na gealaighe, an chuma bhreágh do thugann ar an dtír: gile. Is iomdha duine gur fhiafruigheas de cad é an chiall a bhí leis ach aon léargas riamh ní bhfuaireas air: aon mhíniughadh. An léargas go léir atá tímcheall a dtighe 'sa gcuid talmhan, gach aon rud mar iarrfadh do shúil: ordughadh: riar: ionadas cóirighthe ar gach rud. Ní mór dom spéaclaidhe do chaitheamh, tá an léargas ag tréigean san radharc agam: soiléastacht: léire radhairc.

learglaire: *f.4.* sámhánaidhe, scraiste, liaghairne, lúdramán, sughmaire. Learglairidhe 'n-a luighe a's dícheallaigh ag saothar: laighairnidhe díomhaoine ná bainfeadh an saoghal mór obair ná gnóth asta. Learglaire é sin nár dhein luach pingne riamh: díomhaoin, leisceamhail, neamhnathamhail.

leas: *f.3.* bail, tairbhe, maitheas, feabhas, leasughadh, ádh. Tá súil agam gurb é do leas atá dhá dhéanamh agat, dá mhéid do bhraithfeam uainn thu, imrighe go Conntae na Midhe: an rud a raghaidh chun breis mhaitheasa dhuit. Dia d'ár gcur ar ár leas, cad is ceart dúinn do dhéanamh – dul nó fanacht: ár gcur ar an mbóthar ceart. Is fada riamh go rabhais ar bhealach do leasa .i. ar an rian gur bh'fhearrde thu é .i. go bhfuilir ag déanamh rud nách

cóir ná ceart. Dein rud orm, ciúnuigh, a's déanfair do leas: an rud is fearr dhuit. Cómhairligh me, táim dall, cuir ar mo leas me: inns dom cad is ceart dom do dhéanamh chun mo thairbhe. Nách í a dhein a leas an lá scar sí leis an réic fir a bhí aice?: a dhein an bheart a bheir an t-ádh dhi. Go gcuirid Dia ar mo leas me, céaca cárta chaithfead: go dtreóruighidh ar bhealach mo bhaile me. Tá an méid a fhéadfainn déanta agam anois, tá mo leas ar Dhia mór na glóire: táim ag brath ar Dhia go soirbheóchaidh Sé dhom. Sé leas na tíre seo, admhuigheann gach neach, gan bheith rannpháirteach sa chogadh fuilteach so: maitheas na dúthaighe. Leas t'anama bheith do shíor ag guidheachtaint: maitheas: feabhas. Corplár mo leasa do dheineas an lá do thréigeas drochchuideachtaidhe: an rud fíor-cheart chun mo thairbhe ar gach slighe. An rud is measa lé duine 'ná a bhás ní fheadair sé ná gurb é lár a leasa é .i. an rud is lugha go mbíonn coinne tairbhe againn leis is minic gurb é is fearra dhúinn. Bíonn sé de leas ar dhaoinibh áirighthe rud éigin do bhualadh 'n-a dtreó i gcómhnaidhe: d'ádh. "Tá sé ráidhte riamh gur maith an té a néas a leas": a bheartuigheas as a aigne ar an nidh is tairbhighe dho. Caith siar é sin, a's raghaidh sé chun do leasa dhuit: maitheasa.

leas: (**leis**) *b.2.* an cromán. Tá ubhall a leis ar lár: a chromán as ionad. Leas caoir-fheóla: cos. Mo leasa chómh stangtha ó bheith suidhte ar an gcruadh-chathaoir seo lá ar lá: mo chromáin: mo sliasta.

leas-: *i gcfh.* in ionad, fé, gan bheith dearbhtha, malairt bhreise. Ó Catháin dob ainm dho, ach tugtí "Bailt" mar leas-ainm air: ainm bhreise: malairt ainme. Ní haon leas-ainm fear maith do thabhairt air .i. sin mar tá sé. Sheirbheálas é i dtaobh bheith ag tabhairt leas-ainmneacha orm, "bitheamhnach", "alfraits" agus a leanas: ainmneacha ná raibh tuillte agam. Leas-athair atá orm anois .i. fuair m'athair dílis bás a's phós mo mháthair airís. Leas-mháthair a thógfadh san ort: dara céile athar a's ní gnáthach léi bheith ceanamhail ar chlainn an chéad-mhná .i. duine rócheartéiseach. Níl annso ach leas-ainm bídh .i. biadh gan mhaith. B'é sin an leas-chara dhómh-sa lá an chruadhtain is é nár fhóir orm: cara liom leat: bréagach. An leas-uachtarán a bhí sa chathair: an té a bhíos ceapuighthe chun an ionaid sin nuair ná beadh an t-uachtarán féin i láthair. Níor bh'iad, go minic, na tighearnaidhe talmhan budh mheasa ach na leas-mháighistiridhe a bhíodh ar na daoinibh: ath-mháighistiridhe: iad so a bhíodh ag tógaint chíosa dóibh. Ní deoch í seo ach leas-ainm dighe .i. is bréag deoch do thabhairt uirthe. Leas-chathaoirleach: an dara cathaoirleach.

léas: *b.2.* gath (néal) solais, taimilt, néal, cómhartha mar an bhogha leacha, scamall, luisne; riasta, stiall (buille). An teine múchta nách mór, níl léas innte: néal: oiread a's lasfadh. Léas teine ní bhíonn aca connus ná leathann an fuacht iad: smól: oiread a's dheargóchadh. Chonnac an truth idir me agus léas a's ní fhéadfainn a dhéanamh amach cad a bhí ann: an rud mío-chúmtha idir me agus saghas "fuinneóige" sa spéir. Nuair las an splannc im thímcheall níor fhág sé léas im shúil (cheann) .i. dhall sé me den iarracht san. Ní caoch atá sé, ní ghá chasadh leis é, ach níl léas aige: néal sholais nó radhairce: dall ar fad. Fág léas éigin aige: beagán éigin meabhrach. Níl léas tímcheall ban aige: tá sé bán gléigeal lé héileamh ortha: do shíor ag cainnt go hait ortha. Níor fhan léas mheabhrach aige nuair chonnaic sé an t-airgead 'n-a chnocánaibh os a choinne a's gan faic aige: chuir sé spearbaill air lé formad. Chonnac léas annsan thuaidh indiu agus cómhartha ceart droch-aimsire í do bheith ann .i. mar bheadh bun bogha leacha: "madra

gaoithe", do thugann maraidhthe air. Léas treasna mo leicne mar ar buaileadh leis an lasc me: fusta: riasta. Tugadh árd-léas idir an dá shúil dom lé cloich: stiall: buille dochraideach. Léas mara: tigh nó long solais chun treóra. Iongadh orm mara bhfuil droch-aimsir cheart ar na léasachaibh a bhí lastuaidh indiu: scamaill stracaithe. Tagadh léas éigin duit agus is mithid duit sin, is fada ag imtheacht ar do mhí-leas thu: fíor-bheagán éigin meabhrach.

léas: *b.2.* an chos in arbhar, féar, etc., ón dtalamh go dtín gcraoibh (an áit go mbíonn an toradh nó an síol); an gas lag. Níor fágadh gráine in aon léis lé suathadh na gaoithe: i gcosaibh an arbhair. Léan ar mar fheirmeóir a's gan léas 'n-a iothlainn Oidhche Nodlag: gan rian arbhair. Na cearca ag priocadh ameasc na léas sa gharradha: na "cosa" fáin a bheadh tímcheall na stácaidhe. Is olc an bailiughadh do deineadh ar an gcoirce sin léasacha ar fad seadh an gort: mórán cos ar fan ann. Craobh mhaith ar an léis aige: mórán gráine ar bharr na coise. Léas táth (dornán léas), punann (mórán táth), stioca (fiche punann), beart (fiche punann), stáca (dachad éigin beart). Talamh chómh lom lé croidhe do dheárnán, níl léas (féir) ag fás ann: gan cothughadh. Cá hiongadh drochchrot do bheith ar na buaibh ná teanntar na léasacha leo: ná tugtar go leór arbhair dóibh.

léas: *f.3.* tráth áirighthe aimsire, cairt, daingean nó cor lé n-a dtugann an té gur leis é seilbh talmhan no tighthe, etc. ar feadh áirighthe aimsire fé chíos; an ceart dréir dlighe is leis an té go leigtear chuige é. Rud amháin ná fuil léas ag aonne air, faid a shaoghail: cairt: deimhnightheach. Léas nuadh ar mo shaoghal dob eadh é dá gclaoidhtí Seán Buidhe: mhairfinn níos sia 'ná mar tá ceapuighthe dhom. Fuaireas léas deich mbliadhan leis an dtigh: ceart a bheith agam a's a áis ar feadh na haimsire sin. Léas ar do shaoghal an deoch bhríoghmhar san d'ól: faid mhór air.

leasach: *a.* tairbheach, sochrach, maitheasach. Budh leasaighe dod shláinte go mór a's go fada fanacht ón bhfarraige oidhcheanta fuara, feannaidheacha 'ná bheith ghod leathadh féin uirthe: budh mhóide a bhfeabhas é. Is neamh-leasach an rud d'aonne do bheith róthugtha don ólachán: díoghbhálach, dochraideach. Ní leasach an cheárd do thairngis ort féin – iascaireacht, 'sí dígh í: ní tairbheach ná ionmhaoidhte.

léasach: *a.* go hiomadamhail fé léasachaibh. Nách léasach d'fhágamair an pháirc sin in bhur ndiaidh .i. gan an talamh do ghlanadh díobh.

léasach: *a.* scamallach. Spéir ró-léasach seadh í chun í do bheith 'n-a hoidhche shuaimhneasaigh: drochchrot uirthe dréir na scamall.

léasach: *b.2.* fústaidhe cluig, riastach. Léasach ghránda 'n-a láimh a dhéanfaidh droch-obair mara bhféachtar 'n-a diaidh: fústaidhe éirighthe amach uirthe. Nuair chuaidh an sáile sa phuchóid dhein léasach di: d'éirigh brat clog gorm uirthe.

léasadh: *f.* (*-sta*) bualadh trom, stialláil mar bheadh lé lasc, smísteáil. Fuaireas léasadh báistighe ag teacht treasna an mháma scéirdeamhail .i. bhí gach aon stiall aice orm. Sí an charraig í a gheibheas an léasadh ón muir go gcloisfeá fuaim dhá bhaint aiste na mílte ó bhaile: stialláil. Cé thug an léasadh dhuit go bhfuil do shúile a's do shrón atuighthe?:

bualadh. Bhí sé ghom léasadh ar a thoil mar ná raibh aon chosaint agam orm féin: ag gabháil díom fé mar budh mhaith leis é. Thug an tuinncéir an oiread san léasta don asal gur shín sé gan éirghe: smísteála lé bata. Sasana a's an Ghearmáin ag léasadh a chéile de ló a's d'oidhche ón spéir: ag caitheamh ar a chéile ar a gcroidhe díchill gan trócaire.

leasaire: *f.4.* fear baile, duine a leasuigheas iasc, etc. Is cuimhin liom nuair bhíodh fiche leasaire éisc thar lear ar an mbaile seo: daoine a chuireadh ar salann é. Leasaire feóla: fear a chaomhnas í nó a chuir ar salann í.

leasaireacht: *b.3.* feabhasughadh, caomhnadh, do chur ar salann, etc. Neach in ao'chor ní bhíonn ag leasaireacht éisc anois ach ghá chur amach úr: ag cur salainn air. Ag leasaireacht na talmhan ón dtráigh .i. ag cur feamnaighe etc. air. "Cad dhéanfair léd chárta? é do chur ar leasaireacht!", deirtear lé duine a bhíos i gcás idir dhá chómhairle imeartha.

léasán: *f.1.* clog, fústa, riasta, néal, fearbh; duine leice; "íomháigh greanta". Léasán lice .i. saghas éisc gur b'é a dhúthchas bheith ceangailte de chloich ar thóin puill a's nuair scarann an mhuir léi é bíonn ag imtheacht léi da threóir. Féachaidh air! budh dhóigh leat gur léasán lice é .i. duine neamh-phraitineamhail, liobarnach. Nách tú an léasán lice agam go gcuirfeadh cioth beag báistighe ort: duine gan fulang. Cad í an tsín a bhí ar an léasán a bhí thoir orm tréis bhreactha an lae?: scamall neamh-choitcheann. Ní raibh ball dá cneas ná go raibh léasán air ó bheith ag gabháil air: clog: fearb. Léasáin throma, dhorcha ag bun na spéarach: brúin: tónacha.

leasc: *a.* mall, neamh-éascaidh, míothapaidh, neamh-thoilteanach, liosta. Budh leasc leis gluaiseacht toisc deireannaighe na huaire a's d'iarr sé mórán tafanta: neamhfhonnmhar. Is leasc an cainnteóir é, ní bheadh dathad focal as a bhéal go ceann uaire an chluig: mall, mío-thapaidh. Seachain tu féin níor leasc leis sin tu do bhualadh: níor bh'aon daigh leis é. Coiscéimeacha leasca lé neamhfhonn dul ann: mall, righin. Ná bí chómh leasc san, má táimíd chun a fhagháil faghaimís é, mara bhfaghaimíd coimeád é: chómh righin mall 'n-a thabhairt.

léaspach: *a.* buailteach, droichmhianaigh, malluighthe. Duine ró-léaspach ar a dhigh é, ní iontaoibh a bheith 'n-a chosaibh: buailteach. Cos léaspach ag an ainmhidhe sin .i. níor bh'fheas duit cathain speachfadh sé duine.

léaspach: *b.2.* bladhmsach teine, te, chnagarnach. Léaspach teine a ghreadfadh thu: teine bhreágh: réidhleán.

léaspán: *f.1.* lóchrann nó lampa a thugas solas ar aitreamhaibh uaidh: lóchrann aibhléise. Las do léaspán sa doircheacht: caith gath solais leis.

léaspaim: *b.a.* buailim go dochraideach. Léaspadh sa tsúil me: buaileadh chómh dúluighthe sin me gur cuireadh réilthínidhe ar mo radharc. Ná foidhnigh a thuilleadh leis, léasp é!: pleannc é!: buail go dubh é. Léasp an fharraige an long i gcoinnibh na fochaise go ndeárna gadrach di: stiall: bhuail lé fórsa agus fuinneamh.

léaspuighthe: *a.r.* buailte, lán d'fhústaidhibh, lasta. Éirighidís dá chéile anois táid léaspuighthe a ndóthain ge n-a chéile: buailte, bascuighthe. Cad thárla dhuit? tá do chroiceann ar fad léaspuighthe: brúighte: lán de riastaidhibh.

leasughadh: *f.* (*-uighthe*) feabhasughadh, deisiughadh, cóiriughadh, ceartughadh, do chur aoiligh (ar), slánughadh, cneasughadh, coirteadh, do thabhairt cúitimh. Cad é an saghas leasuighthe atá agat ar an ngort san? leasughadh tighe nó siopa?: mianach chun na talmhan do thoirchiughadh. Tá do shoc caithte, cuir leasughadh air: ádhbhar iarainn do tháthughadh air. Cuir faobhar na haithrighe lé préamh na bpeacaidhe chun do bheatha do leasughadh: d'fheabhasughadh. Mara ndeinir leasughadh ar do bheatha is baoghalach gur lé fánaidh do gheobhair: feabhasughadh: biseach. Dá mbeadh aon tsaghas leasuighthe agat ar an nglasradh san a chuirfeadh blas air b'fhearrde é: annlann. Ag leasughadh éisc: ag cur éisc ar salann. Leasughadh maith don ngoile an biadh sin .i. cuirfidh sé feabhas a's maitheas air.

leasuighim: *b.a.* feabhasuighim, deisighim, coirtighim. Beidh na bráithre chughainn a's leasócham go léir ár mbeatha: feabhasócham: caithfeam beatha níos neamhpheacamhla. A rian air sin mar thalamh gur leasuigheadh go maith é ar an dtoradh a thug sé: gur cuireadh aoileach go leór air. Ní leasóchadh an t-ádhbhairín salainn sin an t-iasc garbh san: ní bhuan-choimeádfadh ó lobhadh é. Leasuightear leathar le coirt etc.: cuirtear ó lobhadh é. Ní leasóchaidh cainnt sinn: ní dhéanfaidh sé aon fheabhas ar an scéal dúinn. Leasuightear úirlisidhe iarainn lé breis iarainn do thathughadh ortha: lé goradh do chur ortha. An tsín a leasóchaidh an croiceann ort: a righneóchaidh é.

leasuighthe: *a.r.* caointe, coirtighthe, feabhasuighthe, ceartuighthe, deisighthe; aoileach curtha air. Tá an croiceann leasuighthe ort ó bheith amuigh fén spéir a's fén aimsir: righnighthe. Iasc, mairtfheoil leasuighthe: salann curtha ortha chun a mbuan-choimeád. Leathar gan mhaith ná raibh leath-leasuighthe: coirtighthe chun a choimeádta ó lobhadh. Soc leasuighthe: go mbeadh eite curtha air chun a dheisighthe.

leasuightheóir: *f.3.* feabhasuightheóir, deisightheóir, ceartuightheóir. Leasuightheóiridhe éisc, feóla, leathair, etc.: dream a bhuanchoimeádas na nidhthe seo lé salann etc.

leath: *a.* leathan. Níor leath liom púnt nó dhó do thabhairt do ach fiche! scéal eile ar fad ar fad é sin: budh chuma liom: ní chuirfinn aon tsuim ann. Ní leath dhuit bheith déidheannach maidean ach bheith déidheannach gach aon mhaidean: ní cuirfí oiread natha ann: ní thógfí oiread ceann de. Ní leath ort bliadhain phríosúin ach deich gcinn aca: ní bheadh in aon ghiorracht do bheith chómh dian ort.

leath: *b.2.* taobh, treó, slios. Bhí an oidhche chómh dorcha san ná feadar cad é an leith 'n-a rabhas: treó. San leith ó dheas den bparóiste do chómhnuigheann sé: taobh. Tair i leith chugham, tá gnóth agam díot: tair anall chugham. Gaibh i leith ná láimhe clé ar dhul go dtín crosaire dhuit: ar an dtaobh san. Thuiteas i leith mo chinn síos 'on pholl: i ndiaidh: mo cheann rómham. Bhuail an t-urchar i leith mo dhroma me: aniar sa drom. Níl aon eagla orm dul id leith ar an bhfarraige: in aonfheacht leat. Táim i leith púint anois, tá

an chuid eile caithte agam: ag brath air. Raghad-sa i leith an méid seo .i. bead lántsásta leis: raghad 'n-a threis. Thógas na hearraidhe i leith a's go mbeinn ábalta ar dhíol asta .i. lé súil: ag brath ar go etc. Fágtar gach rud i leith an fhir is fearr eadrainn: fé n-a chúram. Cuireadh im leith go rabhas rann-pháirteach sa choir: im threis: cúisigheadh me leis an gcoir. Seadh, más call dúinn é ragham i leith na déirce: ag brath ar an ndéirc chun sinn do chothughadh. I leith an donais atáid riamh agus bheid choidhche: ag gabháil den donas. Cuir an dá phúnt san ar leith(righ) ón gcuid eile: leó féin gan aon bhaint leis. Suidh ar leith leat féin: it aonar. Fan i leith do chuid oibre má tá ciall agat: ag gabháil di: 'n-a feighil. Ná fág aon rud fé leith an chait bhradaigh sin nó beir gan faic: 'n-a threó: 'n-a bhealach. Ná tóg do thigh san áit scéirdeamhail sin tá sé rómhór fé leith na gaoithe: an treó 'n-a mbeadh sí ag séideadh. Tháinig an long orainn aniar do leith ar tosaigh: i dtreó. D'imthigh an t-urchar do leith dheiridh an bháid a's is maith do scar leis nár bhuail í: de threó a deiridh. Do bhítheas ag gabháil orm do gach leith: ar gach taobh. Seasaimh i leaththaoibh uaim go ngeobhadh thart: ar thaobh dem threó. Ar gach slighe d'ainmeófá go maidean tá eólas air, duine fé leith seadh é: suaithinseach, éagsamhail. Lastall d'abhainn atá mo chuid talmhan: ar an dtaobh is sia uainn. "An maireann sé fós?" – "tá sé lastall": marbh. Fan lastabhfus den sráid: ar an dtaobh go bhfuilir anois. Scamall throma, bhagarthacha lastuas: os ár gcionn anáirde. Laistíos díom ar an gcnoc do chonnac na saighdiúiridhe ag teacht fém dhéin: fém bhun síos. Laisteas de Chorcaigh atá Carraig Aonair, laistiar d'Éirinn Oileáin Árann, lastoir d'Éirinn Sasana, lastuaidh de Luimneach atá an tSionna: sa treó san. Tá an leanbh san ag gabháil lastuas ar fad dá mhuinntir .i. ag dul díobh é do choimeád fé n-a smacht. Ghaibheann do chuid cainnte lasmuigh dhíom .i. ní chuireann sí aon bhráig orm. Lasmuigh atá san aige, laistigh tá a mhalairt ar bórd aige .i. tá sé ag dúmas an ruda atá ar a chroidhe aige. Bheadh san ag gáiridhe leat a's a mhalairt laistigh aige: ar a chroidhe. Laistiar díom thu; leig mise chun cinn ort: bíodh ionad níos suaraighe agat: dein tacaidheacht liom. Ar ór na cruinne ní bheadh a lithéid de learglaire leisceamhail i leith an tighe agam: in aontigheas liom. "Sin é agat, a bhuachaill, i leith a mháineála dho", deirtear so lé duine a ghníos rud a bhainfeadh preab asat a's ná beadh a luighead coinne agat leis. Ghluais sé ar fuaid an tsiopa ameasc na ndaoine a's i leith a mháineála dho bhí sé ag cur gach nidh a fuair sé ar bóiléagar 'n-a phóca .i. ar shlighe ná tabharfadh aonne fé ndeara go raibh aon drochfhuadar fé.

leath: *b.3.* ceann de dhá chuid ionanna; comhthrom 'n-a mbeadh nó 'n-ar bh'fhéidir rud do roinnt. Leath a deich a cúig, leath slaite ocht n-órdla déag, piúnt leath cáirt. Clár do ghearradh 'n-a dhá loma-leath. Rud d'fheicsint lé leath-shúil .i. gan duadh. Is fearr leath bolóige 'ná bheith gan arán. D'ith sé breis a's leath na béile é féin .i. an chuid budh mhó dhe. Rud do dhéanamh 'n-a leath a's 'n-a leath: go beacht, críochnamhail. Pioc eagla níl agam-sa rómhat, ná dein aon dá leath ded dhícheall .i. dein a bhfuil ionat. Ná bí ag gearán ní leath ort a's an ósbairt do fuairis .i. ní fiú trácht air. Aiteas ar fad lé déidheannaighe seadh é, tá a leath san aer: scléipeach, aerach: gan fuaimeant. B'é am do pósadh é a's leath a shaoghail istigh: furmhór: ró-aosta chuige. B'é mo chuid-se dhe leath na leatha: fíor-bheagán. Daoine ró-leathan-ladhrach atá sa tigh seo, d'íosfaidís an fóghmhar a's déanfí an gnóth lé n-a leath: níor ghábhadh in ao'chor an fuadar caithte. Tús maith leath na hoibre: an rud do tosnuightear go maith is dóichighe de a dhéanamh go maith a's go luath. Níor bh'iongadh é do bheith ar meisce is iomdha leath-cheann a bhí caithte: leath-ghloine beathuisce. Dá mbeadh a leath oiread céille a's tá ge n-a thuilleadh bheadh

airgead sa bhannc: ádhbhar céille. Leath bainne leath usice dho, mar tá sé an-lag: an oiread céadna dhíobh. Roinneadh sinn leath ar leath: deineadh dhá líon chomhthroma dhinn. Nuair chuadhamair i gcómhar lé chéile b'é an margadh a bhí eadrainn a bheith leath beartha leath caillte: an sochar nó an dochar do bheith comhthrom eadrainn. Mo dhrom 'n-a dhá leath gen ualach!: briste. An bád 'n-a dhá leath gen gcarraig: briste tríthe. Ní raibh leath-fhonn teacht air indiu a's bhí indé: budh dhúthrachtaighe chun teachta indé é. Creid me leis ná fuil ach leath-chuimhne agam ar cad mar thárlaidh .i. níl sé go soiléir im chuimhne. Ní leath-fhonn leó stad gen dtigh leath-bhealaigh ar an slighe abhaile: tábhairne 'n-ar gnáthach sos do dhéanamh. Ní rabhamair leath-slighidh nuair thréig an gluaisteán: tamall dár dtriall. Leath má leath mar sin, an bhfuilir sásta: cómhchuid ar (ag) gach duine againn. Leath Fhranncach leath Iodálach dob eadh í: duine dá muinntir as thír aca a's an duine eile as an dtír eile. Tabhair fé ndeara é an fuadar a's na gothaidhe atá fé, níl leath measa aige air féin .i. ró-mhórchúiseach ar fad. Ar an gcuma atá ar an oidhche ní bheadh leath-iontaoibhe agam aiste: ní dhéanfainn deimhin de ná go mbeadh sí go holc. Ní raibh cuid ná leath coda ráidhte aige: ní raibh fáth ar bith lé n-a rádh aige. Teine mhaith is geall lé leath bídh í: is mór an nidh an teas. Ar a leath (airgid) díreach do cheannófá an earra san sa chathair: ar luach budh lugha go mór. Lá go leith ag gabháil den dtigh: lá a's leath lae. Tá trí chéad annso agam, cá bhfuil an ghoileith?: an leath-chéad eile: an caoga eile budh cheart do bheith ann. Bímís leath a's leath: mar a chéile i dtabhairt nó i bhfagháil.

leath-: *i gcfh.* taobh, taobhach. Tá an t-ualach leath-árd: taobh de níos aoirde 'ná an taobh eile. Táim bacach, dronnach leath-íseal: taobh díom ag claonadh go mór chun talmhan .i. martruighthe go dona. Cad do chuir an leath-cheann ar an mbád?: taobh di níos sia síos san uisce ná an taobh eile. Nuair chídhfeá chughat é a's an leath-cheann a bhíos air d'aithneófá gur leath-chladhaire é: a cheann clann ar thaobh. Dá mbeadh aon leath-cheann ort siúd é an fear a dhéanfadh fóirithint ort: buadhairt ná aindeise. Chuir sé leath-cheann air féin ag éisteacht liom: d'ísligh ar thaobh é. Is iomdha leath-cheann atá os chionn an duine: buaidhreamh saoghail. Ó táim leath-dhíomhaoin (leaitíomhaoin) an aimsir seo: níl mórán lé déanamh agam. Long leath-dhoimhin go maith, tá last mór innte: cuibheasach doimhin. Leath-bharránach maith an fear san, níor mhaith liom dul leis: lúbaire. Bhíodar lán de leath-chladhaireacht: glic, cam. Séidfear an tigh níl doras ná fuinneóg leath-dhúnta air: fáiscighthe 'n-a gceart. Lá leath-fhiadhain d'fharraige: dian a dhóthain lé dul uirthe. Ní raibh asam aca ach leath-iontaoibh: ní raibh muinghin láidir aca asam. Raghainn ar a leath-iontaoibh ach tharais sin faic: bheinn ar mo chosaint air pé baint do bheadh agam leis. Ná deinidh leath-chumha air, tá an iomad agaibh 'n-a choinne: éagcóir. Budh leath-chuma liom mar gheall air, mara mbeadh san is fada go scarfainn chómh bog leis: beag-shuim do bhí agam ann. Im leath-amadán i gceart atáim gan bean tighe, d'iarraidh ullamhuighthe a's glanta dhom féin: ciotaighe rómhór ar fad dom é. Má leanann an cogadh dhe a's go raghaidh biadh i ngannchúis caithfeam dul ar leath-lón, is dócha: cuid de dhá chuid chomhthroma a bhfuil againn anois. A leath-óinsín, cad atá ort ná feiceann tú an biadh laitighthe agat: a rud gan chiall, gan éifeacht. Leath-mharbh ó bheith ag gáiridhe fé: traochta. Beir ar leath-mheisce má leanair dos na leath-cheannaibh: bog-mheisce: beidh an fhuaimeant ag imtheacht uait. An bhfuil sé leath-eaglach tabhairt fé: roinnt de chonntabhairt ag baint leis. An amhlaidh do goirtigheadh é go bhfuil leath-ghuala air: ceann aca níos ísle 'ná an ceann eile. Fear ar leath-láimh, leath-chois, leath-

shúil, leath-chluais .i. gan aige ach ceann aca. Bó ar leath-adhairc: ceann amháin. Táim ar leath-chois indiu .i. bacach as chois liom .i. gan a háis agam. Lean de, a's bíodh a dteanga 'n-a leath-bhéal aca fút: ag magadh fút. Cuir do mhéar id leath-bhéal anois, tá sé bailighthe uait: bí ag cáiseamh an ruda a leigis uait lé manaois. Mo mhéar im leath-bhéal agam ag lorg iasachta an ruda budh chóir do bheith agam féin: me ag imtheacht ag déircínteacht. Stracadh leath-mhuinchille mo chasóige: ceann aca. Féach an leath-bholg atá air ó bheith ag itheadh: borrtha, atuighthe. Caithfear admháilt go dtugadh sé leath-fhaillighe 'n-a ghnóth, gur minic do bhíodh sé déidheannach ag 'n-a fheighil .i. ná bíodh sé chómh cúramach a's budh cheart do do bheith. Mara mbeadh tú bheith ró-leath-chúramach 'n-a taobh ní ghearrfadh an scian thu: an-neamh-aireach. Bhriseas maide rámha a's annsan do bhíos ar leath-mhaide: ceann. Asal leath-chluaise .i. go mbeadh leath de chluais leis imthighthe nó ná beadh air ach ceann aca. Bó na leath-adhairce: ar adhairc amháin. Cad d'at do leath-phluc?: taobh det aghaidh. Tabhair leath-shúil air .i. féach go foluighthe air nó ná dein ach amharc air. Ní mheileann leath-bhró: ceann den dís bhróintibh nách mór chun beartha do dhéanamh. Buaileadh aniar sa leath-thóin é lé lasca a bhain smúit as: taobh dá shuidheachán. D'íosfadh san rud a's gan é do bheith ach leath-bheirbhthe: i bhfad ó bheith bruithte 'n-a cheart. Scaoil ceann des na leath-thairric a's b'éigean don gcapall stad: taobh amháin. Leath-chúpla S. .i. bhí duine eile clainne ar aon bhreith leis. A Thomáis, cá bhfuil do leath-lánamha?: do chéile mná. An bhfuil sé 'n-a leath-ré anocht?: taobh iomlán di bheith anáirde. B'fhada ar leath-chuid me aca a's me i dteideal oiread lé haonne: cuid de dá chuid chomhthroma. Nílimíd leath-réidh chun gluaiste fós: beidh moill orainn sarar féidir linn gluaiseacht. Ní raibh leath-chuimhnte aige air nuair labhair sé .i. is róbheag an eaga do thug sé dho féin um an dtaca gur labhair. D'éirigheadar amach as a leapachaibh leath-nochtuighthe nuair chualadar an phléascáil ón aer: gan a gcuid éadaigh in iomláin ortha. Me leath-chaillte leis an ocras: ocras trom orm. Leath-bhrúighte mo dhóthain tréis an tuitim do fuaireas: cuma-bhrúighte: ní beag liom a bhfuil fachta agam. Fadó bhíodh leath-dhóirse ar na tighthibh: cómhlacha ná sroicheadh ach leath-slighe anáirde ó thairsigh go fárdoras. Táim leath-thraochta tréis mo lae cruaidhe oibre: bun-thraochta: traochta mo dhóthain. Níor thug sé oiread a's leath-chluas dom: a luighead éisteachta.

leathach: *a.* 'n-a dhá chuid, roinne chomhthroma. Téighimís leathach ar an síntiús: tugadh gach aonne againn an oiread céadna. An tigh leathach eatartha: 'n-a dhá chuid chomhthroma. Leathach do bhíonn sé ar gach aonnidh: ar thabhairt a's ar fhagháil, an oiread céadna ag gach duine aca. An bhfuil san leathach anois?: 'n-a dhá chuid chomhthroma?

leathadh: *f.* (*-thta*) d'fhairsingiughadh, (do) scaoileadh amach, (do) scaipeadh, (do) rith, (do) mhéadughadh, (do) shearradh, do shíneadh, d'oscailt amach, do liocughadh, (do) phréachadh. Ag leathadh síl coirce: dhá scaipeadh leis an láimh ar an ithir. Ag leathadh scéalta ar dhaoinibh seadh is fearr tusa .i. ag cur síos go bréagach ortha. Ghom leathadh féin fén bhfuacht cois claidhe ón sín: an fuacht do bheith ag goilleamhaint orm. Ag leathadh atá an aicíd, ní raibh sí ach in aon bhaile amháin ar dtúis, anois tá ar fuaid an cheanntair: scaipeadh: ag méadughadh. Tá mo chnámha ar leathadh fúm le hocras (fuacht, strus, etc.): ar crith .i. níl cumas agam ortha. Ag leathadh duilleóg trís an sráid: ghá dtabhairt dos na daoinibh. Ag leathadh a chos ar an dteine: ghá searradh (oscailt) ó

chéile chun an teasa do ghabháil. Bíonn sé ghá leathadh féin anuas orm d'iarraidh bheith mór liom: ag brughadh muinnteardhais orm. Leathadh na leathóige ort ná tiocfadh isteach ón sín: chómh liocuighthe leis an leathóig go rabhair aige. Bainfead-sa leathadh as do radharc lá éigin leis an méid airgid do bheidh agam: cuirfead iongadh do chroidhe ort. Chuirfeadh a raibh de dhaoinibh ann leathadh ar do shúilibh: d'osclófá do shúile go fairsing ar amharc ortha. An t-éacht atá déanta aca tá leathadh bainte as shúilibh an domhain aca: rud déanta aca ná cuirfeadh aonne fé n-a dtuairm a's iongadh dá réir ortha. Bhur ndóirse ar leathadh: oscailte. Sé an náire dho a phlapa do bheith ar dearg-leathadh .i. gan aon chnaipe dúnta ann. Ná prátaidhe (aon rud) ar leathadh an bháin gan cnuasach gan bailiughadh: mar baineadh iad: scaipighthe thall agus abhfus. Baile ar dearg-leathadh seadh é Dé Domhnaigh chómh maith lé haon lá eile: gan aon chosc ar dhigh d'fhagháil ann. An bórd ar leathadh i gcóir gach aonne a gheóbhadh an treó: leagtha chun bídh lé fáilte a's féile. Tiocfaidh leathadh an lae indiu fós leis: an fuacht d'fhulaing sé. Bíonn a lámh ar leathadh i gcómhnaidhe aige: sínte amach ag lorg. An lá bheidh do phócaidhe ar leathadh agat gheobhair daoine go gcaithfir do chuid ortha .i. bog féd chuid airgid. Mo phóca ar leathadh in aghaidh an lae ag rith chun an tsiopa: oscailte a's ag tógaint as chun ceannuighthe. A sciatháin ar leathadh gen éan: sínte amach: searrtha. Fógair an té go mbíonn a sciatháin ar leathadh rómhór aige, imtheóchaidh lé fánaidh: go mbíonn iomad réim fé. Fuair an féar an iomad leathta, d'imthigh an íle as: sínte amach fén spéir a's fén ngréin. Leathadh an bhruit ná féidir do chonnlach: duine ag scaoileadh leis féin thar a riocht: ag tarrac an iomad cúirimidhe air a's gan é i ndán friotháilt ortha. Ar leathadh mo shúl dom as mo chodladh: chómh luath a's dhúisigheas. Ag leathadh mo chos ar an each dom thóg sé liom go talamh: ag cur mo chos treasna a dhroma. I leathadh an airgid ar na bochtaibh do do chúbláil sé an chuid budh mhó dhe chuige féin: dhá roinnt do. Ag dul i méid atá leathadh an pháipéir in aghaidh an mhí: an rith atá aige. Brathaim an teas ag leathadh fém bhallaibh: ag fairsingiughadh: ag dul ó bhall ball díom. An iomad leathta ge n-a lámhaibh sin aon locht mhór amháin atá air: bailighid chúcha rudaidhe nách leis. Tráth ann go mbíodh Éire ag leathadh eolais ar fuaid na hEóraipe: á chur. Lé scannradh (ocras, fuacht etc.) bhí mo ghéaga ar leathadh fúm ná féadfainn cor do chur díobh: níor fhan aon chómhacht agam ortha.

leathaim: *b.a. 7 n-a.* osclaim amach, searraim, scaraim, fairsingighim, scaoilim, scaipim, méaduighim, préachaim. Leath do ghéaga im thímcheall: oscail amach iad a's greamuigh me. Leath do chosa ar an gcapall a's imthigh ag triall ar an ndochtúir: téighir scaradh-ghabhail air. Ná leathtar an féar san indiu, beidh an lá fliuch: ná scaiptear thall 'sabhfus é. Cé leath orm go rabhas id cháineadh?: a chuir amach mar scéal orm é. Leathtar an deighscéal ó bhéal béal go mbeidh a fhios gen ndúthaigh: fairsingightear: abarthar. Do leath an drochaimsir é mar ná raibh éadach oireamhnach air chun cosanta: do ghaibh fuacht an fheannaid tríd. Ná leath do bhrat ach mar is féidir leat a chonnlach: ná scaoil amach ach mar is féidir leat do choigilt: ná cuir breis rómhat ná fuil cumas agat ar a choimeád féd riar. A fhaid sin ó chonnac roime sin é a's gan aon choinne agam leis gur leath mo shúile orm nuair chonnac é: tháinig iongadh mo chroidhe orm. Leath amach tu féin, a dhuine, ná bíodh aon scáth ort: tair os chómhair na ndaoine: cuir do chuid airgid i ngóthaidhibh. Leath sé fé go maith san áit, tá sé go maith as anois, is cuimhin liom-sa ná raibh fiacha gal tobac aige: bhunuigh sé fé go maith ann. Leathamair ár seólta (le gaoith) a's chuireamair chun farraige: d'árduigheamair iad in iomláin. Ná leath róthiugh an síol

san, is fearr breis fánach: ná scaip. Leathfad an t-éadach cláir: scaoilfead amach é a's fairsingeóchad an fhaid rithfidh sé. Do leath sé a chosa ar fad orm, níl aon rud a bhíodh uaidh ná go dtugainn do .i. bhíos ar a thoil féin aige maidir lé n-a thairbhe féin. Leath an bád as a chéile le haois a's olcas nuair cuireadh thar a coisce ualaigh innte: scar a máillidhe ó chéile. Dá dhlúithe a's dá mhuinnteardha táid fé láthair leathfaid ó chéile fós: scarfaid. Leathann mo chroidhe (lé háthas) gach uair dá bhfeicim thu: osclann sé: léimeann sé lé fáilte roim do ghnúis. Má leathaim mo bhéal ort ní fiú dhuit bheith beó im dhiaidh: má ionsaidhim lém theangain thu. Ná leath do bhéal ar fad air, fág braon agam-sa: ná tabhair slogadh dho. Leathaidh bhur gcluasa agus éistidh lé briathar Dé: tugaidh cluas aireach. Leath im ar do chuid aráin: cuir air é. Do leath a chainnt air lé hana-bhágh, nár thuig aonne cad bhí sé d'iarraidh a rádh: theip air é féin do chur in iúil: ní fhéadfadh sé na focail do cheapadh. Leath mo chosa fúm i slighe ná féadfainn siubhal: tháinig pairithis ortha a bhain an lúth dhíobh.

leathaim: *b.a.* deinim dhá roinn, dhá chuid chomhthroma de. Leathas eatartha é a's cá raibh cúis ghearáin aca?: dheineas dhá loma-chuid de.

leathan: *a.* ar achar mór ó thaobh go taobh, fairsing, mór. "Is leithne eagla 'ná Éire" .i. is mó .i. ní fios cá fhaid a raghadh eagla 'n-a luighe ar dhuine. Tá a ghuailne seo leathan a ndóthain d'aonnidh a déarfí leis .i. tá sé ábalta ar é d'fhulang. Fear leathan láidir .i. faraire: fear téagartha, do-chaithte. Is leathan liom mar shiubhlann an capall san as a thosach: coimeádann sé a chosa rófhada ó chéile. Fan leathan air, ghá ghearradh: bíodh flúirse slighe agat. Ith a's ól do dhóthain, táimíd leathan fé bhiadh annso: go leór leor de againn agus fonn a thabhartha orainn. Duine leathan fé n-a chuid: is beag air é do chaitheamh nó cabhair do dhéanamh leis. Ná bí leathan leis an arán: ná bí rórabairneach 'n-a riar. Nách leathan an chainnt atá ag an bhfear san .i. bíonn lán béil i ngach focal aige. Gan faic fé thóin mo bháidín ach an fharraige leathan: mór, fairsing. Bain an féar go breágh leathan: buillidhe fairsinge. Mo ghradhain do chroidhe leathan, is ann ná fuil an sprionnlaitheacht: fial, flaitheamhail.

leathan-: *i gcfh.* mór, fairsing, flúirseach. Tair ró-leathan-aighneastamhail ar fad, agus ní maith é i bhfear ná i mnaoi: breis chainnte. Géaga móra, leathan-bhasach air: crobhanna toirteamhla air. An leathan-gháire a dhein sé nuair chuala sé go rabhais clipighthe aige ó bheith ag lorg t'inghine ort: gáire mór amach ó n-a chroidhe. Ní fhéadfadh an fear leathan-ghuailneach so gan neart do bheith ann: slighe mhór ó ghualainn go gualainn 'n-a dhrom. An leathan-bholg atá air ó bheith ag itheadh: bolg mór, fairsing. Budh thaithneamhach an fear é mara mbeadh é bheith chómh leathan-chluasach: cluasa móra, liocuighthe. Earball mór, leathan-fhada ar an bpéist: ó thaobh taobh slighe mhór ann. Ná bí chómh leathan-ladhrach nó ní sheasóchaidh tigh ná treabh leat: rabairneach. Buachaill leathan-chroidheach gur beag air scilling do chaitheamh: gan sprionnlaitheacht. D'fhéach sí go leathan-shúileach orm, b'ait léi mar chlódh duine me is dócha: a shúile ar oscailt go mór lé hiongadh. Bean leath-tónach .i. tón mór, fairsing uirthe. Tairngeadh leath-tseól fén mbád a's sciúird sí léi: seól fairsing, flúirseach maidir lé n-a dhóthain anairte do bheith ann. Ní caol ná cumhang a riarann sé ach n-a leath-roinnt: go flúirseach, rabairneach.

leathanmhar: *a.* fairsing, scaoilteach, líonmhar. Cé nách talamh maith é, tá sé de bheith air go bhfuil sé leathanmhar fés gach cion bó: breis talmhan fé. Eadrainne, tá an scéal san leathanmhar lé fada riamh: i mbéal na ndaoine go léir.

leathanóg: *b.2.* duine íseal, téagartha, neamhchúmtha go mórmhór; aon rud gur mhó é ar a leathad 'ná ar a aoirde. Cá mbeadh an fuinneamh ná an lúth i leathanóig mar é: duine íseal leathan. Tá leathanóg ag déanamh díot lé feóil .i. "ag fás treasna". Leathanóg thighe gan aon aoirde: íseal a's mórán seómra ann .i. mórán talmhan fé.

leathantas: *f.1.* fairsinge, mórmhéid, scar mór, mór-thuairisc; ionmhas. Tighthe, talamh a's oibreacha aca – leathantas ar fad dob eadh iad: mórshaidhbhreas. Níor ghábhadh in ao'chor an oiread leathantais do thabhairt don scéal: é do scaipeadh chómh fóirleathanadamhail. Is mór an leathantas ar an bhfeirm an sliabh san do scaoileadh léi: fairsingiughadh: méadughadh. Thugais an iomad leathantais do sheól do bhád chómh beag a's tá agat: dheinis rómhór é. Bí aireach, ná tabhair an iomad leathantais duit féin ar eagla go mbrisfeá tu féin: ná scaoil amach an iomad ded chuid.

leathar: *f.1.* seithidhe ainmhidhthe ar n-a chóiriughadh, a leasughadh a's a choirtiughadh ag súdaire chun earraidhe mar bróga do dhéanamh de; croiceann. Do stracfainn an leathar anuas ded chnámhaibh: bhúrdálfainn ar mo thoil thu. Brathaim an fuacht idir fheóil a's leathar agam: ag snámhcán laistigh agam. Ní dheaghaidh an scian ródhian – idir fheol a's leathar!: laistigh den gcroiceann díreach. Theastóchadh uaidh an leathar do thabhairt do má fuair aonne riamh é .i. "an bhróg": a lascáil. Bhain sé scrabhadh leathair di: chumaisc sé léi. "Agus d'fhreagradar san é, duine fionnadhach, agus criosluighthe lé crios leathair tímcheall a chaoil, agus adubhairt seisean, is é Eilias an Tisbíteach é" (2 Righthe I. 8). Mar a chéile nó leathar an croiceann air sin, níl beann ar aon tsín aige .i. righin, fuilngtheach. "Seán sa bhrístín leathair" (amhrán). Leathar nár mhór do san air .i. chaithfeadh sé éadach chómh tiugh a's cuirfí air é. Tá an fheóil seo ar nós an leathair .i. chómh righin, docht le cogaint.

leath-bhonn: *f.1.* blúire leathair a chlúduigheas bonn bróige ón gcaol amach. Beid sinn 'n-a mbrógaibh maithe nuair cuirtear leath-bhuinn fútha. Ní raibh ach leath-bhonn liom ar an dtalamh .i. im sheasamh ar chois amháin.

leath-bhord: *f.1.* taobh (amháin) luinge, (bháid etc.); túrna (loingseóireacht) taca. Thuiteadar ar a leath-bhord a's buaileadh a béal fúithe: ar thaobh di. Thugamair leath-bhord ó thuaidh .i. an ghaoth adtuaidh in ár gcliathán a's ár dtriall ó thuaidh. Bhíos ar mo leath-bhord abhaile a's me súgach go maith: ag triall abhaile ar mo shuaimhneas.

leath-bhró: *b.4.* ceann de chlochaibh na bró. Ars an bhean lé n-a fear ná deineadh rud uirthe, "ní mheileann leath-bhró!" .i. gan cómhchabhair ní deintear faic.

leath-bhróg: *b.2.* ceann d'fheighre bróg; máchail, cur siar. Leath-bhróg liom: ceann dem bhrógaibh (an feighre céadna). Cad é an leath-bhróg atá anois ort ná fuilir ag gluaiseacht?: iomard: coimeád siar. "Níor coireadh fear leath-bhróige riamh": deirtear é

le duine ná bíonn air ach bróg. Tá leath-bhróg orm gan oighean do bheith agam i gcóir feóla: ciotaighe

leath-cham: *a.* réidh-cham, cuibheas cam. Táir leath-cham ó bheith ag dubh-obair: tá cor ionat. Bheadh sé leath-cham leat dá bhféadfadh é .i. bhuailfeadh sé bob ort. Rámhaidh díreach, tá an bád leath-cham agat .i. níl sí ag imtheacht mar budh cheart.

leath-cham: *b.2.* cealg, meang, calaois. Is beag ded leath-cham bheith ag ceileabhradh in imirt: calaois. Níor dhein sé leath-cham ar neach riamh: rud neamhcheart.

leath-chaoch: *a.* leath-dhall, dall as shúil, gearr sa radharc. An leath-chaoch ataoi go bhfuilir ag satailt ar na daoinibh?: an amhlaidh atá aon smál ar an radharc agat? Chídhfeadh duine a bheadh leath-chaoch é: duine ná beadh mórchuid radhairc aige .i. rud an-shoiléir seadh é. Nách leath-chaoch an solas atá ag an lampa san: solas lag.

leath-chaoiche: *b.4.* giorracht radhairc(e). Caithfead spéaclaidhe d'fhagháil, tá leath-chaoiche orm ná féadfainn aonnidh do léigheamh gan iad. Dá mbeadh leath-chaoiche ort ní fheicfeá é .i. tugair-se rudaidhe fé ndeara nár ghábhadh dhuit nó ná baineann leat. Cuireann neart an tsolais sin leath-chaoiche orm: dallann sé me de dhruim na huaire.

leath-cheann: *f.1.* taobh den gceann; leath cinn; ceann amháin de dhís rud; iomard. Tabhair dom leath-cheann muice. Ná bíodh aon leath-cheann ar do ghnóth .i. bíodh sé déanta go críochnamhail. Fágfaidh an obair seo leath-cheann tinn ar (ag) dhuine éigin: máchail: beifear in aithreachas den rud atá dhá dhéanamh, mar nách cóir é.

leath-cheathramha: *b.5.* dhá únsa (meádhachtaint); leath na coda feolmhaire den duine nó d'ainmhidhe ós na hasnaidheachaibh go cromán; leath na háite de luing (bád, etc.) idir an deireadh agus an lár; an t-ochtmhadh cuid d'aon rud. Teastuigheann leath-cheathramha thobac uaim: dhá únsa. Tháinig an ghaoth i leath-cheathramhain an bháid: idir an deireadh a's lár slighe. Leath-cheathramha thosaigh an bháid: anuas ón snaidhmin. Leath-cheathramha deireadh na muice: sliasta coise deireadh iomlán. Tinneas im leath-cheathramhain dheis: im leis dheis. Níl leath-cheathramha dhe tráighthe fós .i. an t-ochtmhadh cuid. Tá an ré sa leath-cheathramhain dheireannaigh: in earball a caithte. Leath-cheathramha mhaircréal, uibhe etc.: an t-ochtmhadh cuid de chéad. "An bhfuairis aon roinnt uatha?" – "ceathramha ná leath-cheathramha ní bhfuaireas" .i. faic.

leath-chluais: *b.2.* Táim ar leath-chluais aca: fé n-a smacht. Beir chugham an duine úd ar leath-chluais .i. dá aindeóin mar an meón leis teacht. Chómh dearbhtha a's tá biana ar mhaide bacaigh tabharfad-sa leath-chluais duit-se mara n-iomcharuighir tú féin: bainfead stracadh aiste: goirteóchad tu. Féach leath-chluais! .i. ainmhidhe ná beadh ar ach ceann aca. Baineadh as leath-chluais an lín é: as a deireadh leis an gcorc.

leath-chluasach: *a.* ar aon chluais amháin. Asal leath-chluasach. Ní leath-chluasach ataoi ná cloisir me an eadh?: dá mbeadh fonn closta ort d'éisteófá liom.

leath-cholpa: *f.4.* beithidheach aon bhliadhna (colan); dhá cholainn colpa, trí ceart aosa (dá bhliadhan) dhá cholpa; sé caoire, triocha gé, colpa.

leath-chos: *b.2.* cos amháin. Bacach na leath-choise, seo chughainn é: duine go ceann dá chosaibh ag cur air a's ná siubhlann go rómhaith.

leath-chruinn: *a.* gan bheith 'n-a bhoghaisín bheacht; leath-mheabhrach; neamhcheart san inchinn. Clocha leath-chruinne gan chúinnidhe .i. déanamh liathróide nách mór ortha. Imthigheann sé leis féin uaireannta a's ní fhilleann ar an mbaile go ceann laetheanta, níl sé ach leath-chruinn: rómhaith 'n-a cheann. Níor thugas liom an scéal leath-chruinn a dhóthain: chómh maith a's budh cheart é do thabhairt. Ar a fheabhas níl sé ach leath-chruinn in nadhbhóig .i. leath-ábalta ar a chúram do dhéanamh mar budh cheart. Nách leath-chruinn do thugais an t-airgead leat: gan an t-iomlán ann. Ná congaibh do ghreim chómh leath-chruinn sin nó stroillfir: neamh-aicillidhe.

leath-chruinne: *b.4.* leath-mheabhraidheacht, neamh-iomláine, leath-bheachtacht. An iomad leath-chruinne do chuir an obair sin ar fóraoil: gan an aire cheart do thabhairt 'n-a dhéanamh. Tá sé lán de leath-chruinne ní dheineann sé aon rud i gcóir ná i gceart: ceal aicillidheachta, eólais, etc. Leath-chruinne éigin do bheith air go mbíonn ag dul i leathtaoibh ó chonbharsáid daoine: gan an inchinn do bheith sa cheart aige. Níl sé chómh furaiste san amadán do dhéanamh de agus budh dhóigh leat, níl aon leath-chruinne ag baint leis: ceal gliocais.

leath-chuma: *f.4.* léidhe, éagcóir, ceisneamh, buntáiste. Nuair bhítheas ag roinnt an airgid ar na díleachtaidhibh deineadh leath-chuma ar chuid aca: níor tugadh an oiread céadna dos gach aonne mar budh cheart. Bíonn an leath-chuma agat orm sa chainnt i gcómhnaidhe, is cuma cad déarfainn: beirir buntáiste orm ar an gcuid is lugha. Bíonn leath-chuma éigin ar an bhfear gcéadna i gcómhnaidhe dá mhéid do gheóbhadh sé níor bh'fhéidir a shásamh: ceisneamh ná faigheann ceart ná comhthrom. Ní cosamhail gur leath-chuma a deineadh air má fuair sé an méid mhór deirir as a luighead a dhein sé: éagcóir.

leath-dhuine: *f.4.* fear ait, amadán. Ná bí ag déanamh leath-dhuine dhíot féin ar gach aon iompódh go mbeifí it thabhairt fé ndeara: "fear seóidh": amadán.

leath-éan: *f.1.* éan cuibheasach mór. Leath-éanlaithe maithe seadh na turcaidhthe Nodlag so ní bhfuaireadar aon droch-chothughadh .i. táid lé moladh.

leath-fhocal: *f.1.* éachtaint, gaoth focail; leathgheallamhaint; fíor-bheagán cainnte. Thug sé a leath-fhocal dom go mbeadh sé fém bhrághaid, ní déarfainn go raibh aon an-fhonn air: níor labhair go róláidir ar theacht. Fuaireas leath-fhocal ó phríochán dubh éigin go raibh na gárdaidhe chun fogha do thabhairt ar mo thigh anocht: éachtaint: samhladha cainnte. Aon leath-fhocal amháin uaim-se, anois, léd thoil, tá seilbh na cainnte ar fad agatsa go bhfuil cubhrán bán ort: beagán cainnte éistear uaim-se. Tuigeann fear léighin leath-fhocal: ní gábhadh gach aon rud do mhíniughadh go léir d'fhear an eólais .i.

baineann sé tát(all) as chuid bheag. Dá gcuirfeá leath-fhocal isteach dom leis b'fhéidir go bhfaghainn m'iarratas: tagairt bheag do dhéanamh ar mo shon.

leath-ghlún: (**-ghlúin**) *b.2.* (*iol.* leath-ghlúine) glúin amháin, céim gaoil ar thaobh amháin. Is cuma dho cá ngeóbhaidh an saoghal anois, níl a bhac air a chos do bheith ar a leath-ghlúin aige an dá lá dhéag a's mhairfidh sé .i. é go maith as. Téighir ar do leath-ghlúin: feac ceann ded ghlúinibh ar talamh. Trí (mise) a's a dó (é siúd) ghaol sinn, fágann san leath-ghlún agam-sa ort-sa.

leath-laidhe: (**leachlaidhe**) *f.4.* (*iol.* leathlaidhthe (leachlaidhthe)) ceann den dís chuailidhe i dtrucaill, cóiste, etc., go mbíonn an capall eatartha istigh; leath-ursa, etc. Níor cuireadh riamh capall idir leath-laidhthibh dob fhearr chun tairric 'ná é: níor gabhadh fé ghléas iomchair. A ghuala lé leath-laidhe an dorais aige: leis an ursain .i. go díomhaoin.

leath-lámh: *b.2.* lámh amháin, ceal cabhrach, ciotaighe. Má bhrathair aon leath-lámh ort i rith an fhoghmhair cuirfead-sa cabhair chughat: iomad lé déanamh ar bheagán chónganta. Riamh ní feacthas é gan leath-lámh air: broid oibre: gan bheith i ndán teacht suas lé n-a ghnóth. Is iomdha leath-lámh a bheireas ar dhaoinibh áirighthe nách eól don bhfear thall: ciotaighe: cruadhtan. Beir ar leath-láimh orm a's teanntuigh: ar cheann aca. Siúd é an fear a bhéarfadh ar leath-láimh ort: a chabharfadh leat.

leath-lámhach: *a.* broideamhail, gnóthach, gearra i gcabhair. An dá thráth is leath-lámhaighe gen bhfeirmeóir an t-earrach 'san fóghmhar: is broideamhla. Ní maith liom tú d'fheicsint ag obair leath-lámhach: ar do dhícheall d'iarraidh do chuid oibre do riar a's do dhéanamh.

leath-lúb: *b.2.* leath-chor, leath-chasadh, leath-chúine, leath-chuach, leath-fhilleadh. Saghas leath-lúibe (talmhan) ann go bhfaigheadh long foithin ón ngaoith: clais isteach sa talamh. A folt ar sileadh léi 'n-a leath-lúbaibh: go cas. Ná cuir ach leath-lúb ar mo bhróig, 'seadh is fusa dhom í do scaoileadh: leathcheangal. Chuir na tuinncéiridhe fútha i leath-lúib an bhóthair: áit mar a raibh ionad suidhimh ann a's casadh sa bhóthar. Níl aon lúb agat-sa ná go bhfuil leath-lúb agamsa 'n-a choinnibh: cleas: cleas chómh maith leis. Is iomdha leath-lúb id chorp: gliocas: cleas.

leath-luighe: *f.4.* claonadh, leathcheann, caithte breis ar thaobh. Fuairtheas marbh 'n-a leath-luighe é i gcoinnibh cruinn .i. cromtha mar bheadh a cheann nó guala leis buailte 'n-a choinnibh. Leath-luighe conntabharthach gen mbád, tá an iomad seóil uirthe .i. taobh íseal 'e bhreis ar an dtaobh eile. Ar a leath-luighe aniar sa leabaidh lé teannta peiliúr: idir 'n-a luighe a's 'n-a shuidhe. Tá na bróga nuadha so ag leath-luighe orm 'sis deacair dom siubhal i gceart: beagán fásctha dhá dhéanamh aca orm. Ní dheaghaidh a chuid chainnte, dá mhéid buinne a bhí fé, 'n-a leath-luighe orm. Dar liom ná raibh aon áiteamh innte: ní dheaghaidh sí in ao'chor ceangailte im aigne.

leathluighim: *b. n-a.* síneann breis ar thaobh, claonaim ar thaobh. Leathluigh an long nuair bhuail an cóch millte í fé lán a cuid anairte: chuaidh taobh di síos go mór. Leathluigheas i gcoinnibh an chlaidhe ón gcioth piléar: chuireas cromadh ionam féin leis.

leathnughadh: *f.* (*-uighthe*) fairsingiughadh, méadughadh, scaipeadh, borradh. An aicíd ná raibh ach in aon bhall beag amháin ar dtúis ag leathnughadh fén slios ar fad d'aindeóin díchill na ndochtúiridhe: scaipeadh: ag teacht ar bhreis dhaoine. Tabhair aire, táir ag leathnughadh fút rómhór, fan os chionn do chumais: ag ladhráil in iomad gnóth: an iomad iarnaidhe sa teine agat. Mara dtugair an t-éitheach don ráfla atá ag leathnughadh ort fé láthair beidh sé chómh fairsing sin go gcreidfear é: ag gabháil tímcheall ameasc na ndaoine. At mo choise ag leathnughadh óm alt suas fé dhéin mo ghlún: ag méadughadh: ag imtheacht roimis i ngach treó. Ainmhidhe ná déanfaidh aon leathnughadh choidhche an bhó san, níl an fráma fúithe: ní raghaidh i méid ná i dtoirt. Leis an mbualadh atá ar an mbóthar caithfear é do leathnughadh i dtreó a's go mbeidh slighe go leór ag coisidhthibh a's córacha iomchair gabháil thar n-a chéile: ó thaobh taobh breis slighe do chur ann. Níl a bhac ortha san a gceann do thógaint anois ó tháinig an leathnughadh fútha: go ndeaghadar i saidhbhreas: go dtáinig breis ghustail dóibh. A leathnughadh a géag chun é do bharrógadh: ghá n-oscailt amach ó n-a chéile go mór.

leathnuighim: *b.a. 7 n-a.* fairsingighim, méaduighim, scaipim, searraim, préamhuighim, osclaim amach. Ná leathnuigheadh sé ort go mbír ag mionghadaidheacht: ná téigheadh amach ort .i. stad di. Gach aon deallramh ar an gcogadh go leathnóchaidh sé .i. go dtiocfaidh tíortha eile fós isteach ann. Sin é, ná dein dada ach ná leathnuigh do chosa ar an dteine: cuir cos leat ar gach taobh di. Ar dtúis ní raibh aige ach siopa beag gáinneála i dtaobh shráid, nách mór leathnuigh sé go bhfuil siopaidhe móra ar fuaid na cathrach anois aige: mar shaidhbhrigh sé a's chuir breis ghnótha chuige. Cúinne grod, conntabharthach dob eadh é, ach leathnuigheadh deich dtroighthe é chun slighe gabháil thar a chéile do thabhairt do chórachaibh taistil a's iomchair: cuireadh an méid sin leis. Ó chonnac go déidheannach tú is mór mar leathnuighis .i. chuadhais i dtéagar a's i dtoirt. Níor leathnuigh Béarla puinn san áit seo fós: níl sé dhá labhairt ag breis dhaoine. Seól ró-bheag é, leathnuigh é: cuir blúire eile anairte leis. A fheara, leathnuighidh fén ngort, táthaoi róchumhang ar a chéile: fairsingighidh: druididh ó chéile. Beir ar an órd san, buail an t-iarann so a's leathnuigh é: liocuigh é go dtugair breis faid a's leithead do.

leathnuighthe: *a.r.* fairsinighthe, liocuighthe, scaipighthe, méaduighthe, préamhuighthe. Tá an chneadh leathnuighthe fé n-a aghaidh ar fad: imthighthe fé gach ball di. Ní maith ná ní galánta an cháil atá leathnuighthe air .i. droch-ainm fachta aige ameasc daoine. Tamall ó shoin ní raibh sionnach lé fagháil san áit, anois táid leathnuighthe fán mbarúntacht: flúirsighthe: dulta in iomadamhlacht. Is cuma dhóibh tá leathnuighthe fútha anois aca sa chathair a's ní rófhuraiste iad do dhíbirt: dulta in iomadamhlacht 'si ngustal.

leathóg: *b.2.* iasc mara slinn, clárach, áithrighthe mar bhiadh; aon rud a bheadh tuargnuighthe suaidhte gen sín. Bó-leathóg: an leathóg go mbíonn na baill dearg-bhuidhe 'n-a drom. "Leathadh na leathóige ort", deirtear le duine a bhíos fliuch báidhte gen sín dá thoil féin. Táir id leathóigín gen mbáistigh: ar nós circe droich-dhriucha go mbeadh a cuid clúimh a's cleitidhe ceangailte dá creat.

leath-phinginn: (**leath-phingin, leath-phinge**) *b.2.* bonn airgid leath luach na pingne. Ná bí ag cnáimhseán, níor deineadh luach leath-phinge leat .i. níor deineadh aon

díoghbháil duit gur fiú a áireamh. Leath-phinge ruadh níl aige tréis ar thuill sé .i. an-dhealbh do. Fág mo radharc, ní fiú trí leath-phingnidhe thu! deirtear san lé táir. In-a leath-phingne a's 'n-a leath-phingne do bhailightear an t-airgead: lé cruinneas a's neamh-scaipeadh. Fear na leath-phinge an fear .i. an té go mbíonn an t-airgead aige is roimis do bhíonn an fháilte. Níl caitheamh na leath-phingne ann .i. tá sé an-sprionnlaithe.

leath-rann: *f.2.* tómhas talmhan 2½ throighthe ar faid (rann); leath-roinnt. Cuireadh ar leath-rann me toisc m'óige: leath-chion fir. Leath-rann eile a's bhíos lé faill! nuair stadas: tamaillín beag ó scéimh na faille dhom. Ní raibh sé faid leath-rainne uaim .i. buailte liom.

leath-scoiltim: *b.a. 7 n-a.* deighlim 'n-a dhá leath, nó leath d'aon rud. Leath-scoilfir leis an méid bídh atá caithte agat!: pléascfair. Do leath-scoilt sé an clár lé buille thuaigh!: scar sé ó n-a chéile é síos go dtí n-a leath.

leath-scoltadh: *f.* (*-ttha*) leathscaramhaint ó chéile. Leath-scoltadh go né an biadh ort a shutha, maran ort an ghuilm ithte .i. go rabhair ag cneadaigh agus fé ghuais mar bheifeá ar tí pléasctha.

leath-shoillse: *b.4.* amhascarnach, breacadh, camhaoir. Budh dheacair aon rud d'fheicsint go soiléir i leath-shoillse na maidne: tosnughadh ar ghealadh.

leath-stuaic: *b.2.* leathghruadh cnuic, faille etc., mothal gruaige ar thaobh den éadan, leath-fhearg. Leath-stuaic anuas go leicne air: a chuid gruaige ar thaobh ag sileadh anuas de dhruim a uiseann. Rug sé ar leath-stuaic uirthe a's thairng 'n-a dhiaidh í: ar slám mór, fada gruaige. Tá an t-ainmhidhe sin ar leath-stuaic na faille ar chonntabhairt tuiteam: amach ar an scéimh. Cé nách duine lasánta é ní rí-dheacair leath-stuaic do chur air dá ngoilleadh rud air .i. é do mhúscailt chun míchéadfaidh go mór. Ní har mhullach an chnuic in ao'chor atá an galán óghaim ach ar an leath-stuaic: tamall anuas uaidh.

leathta: *a.r.* sínte amach, fairsinighthe, scaipighthe, méaduighthe, préachta, mór-luaidhte. Leathta ort go fóirleathanadamhail go bhfuilir ar tí díolta a's fágtha: luaidhte ort: é i mbéalaibh na coitchiantachta go léir. An iongadh dhuit bheith leathta cois clathach ag comhchainnt leis gach aon bhod bóthair a bhuailfeadh chughat: an fuacht do bheith gabhtha tríot. An t-éadach cláir leathta ar an mbórd .i. sínte amach ar a fhaid a's ar a leithead. Siubhal leathta, aindeis atá aige, ní seólta chuireann sé bóthar de: na cosa scartha go neamh-líomhtha ó chéile. Féachaidh ar an leadaidhe mío-mhaitheasach leathta anuas ar an dteine: a chosa 'n-a thímcheall. Is trom atá sí i ngrádh leis, tá sí leathta anuas air: is annamh d'fhágann sí é. Is fada go bhfeaca aon bheirt is mó atá lé chéile 'ná iad, leathta ar a chéile gach lá den tseachtmhain: i bhfochair a chéile do shíor. Dá mbeadh an scéal so leathta chloisfeá-sa seódh: scaipighthe ameasc na ndaoine. Aoileach leathta fés na prátaidhibh: scaipighthe thall 'sabhfus ar an dtalamh. An aicíd leathta fén ndúthaigh: soir siar, síos suas ar mórán daoine. Na dathacha leathta fém chnámhaibh ná fuil ionam corruighe: dulta tríotha go léir. Seólta na luinge leathta: a cuid anairte ar fad tairngthe fúithe. Ó bharr Bhréanainn do chídhfeá an dúthaigh leathta faid do radhairce uait soir: sínte mar bheadh éadach ar bhórd. Móin, féar, éadaighe leathta: scaoilte amach chun a dtriomuighthe.

leathtacht: *b.3.* fairsingeacht, scaipightheacht, méadughadh, préachadh. Ar a leathtacht ataoi as an fhaid do bhís san uisce féd chuid éadaigh táir i gconntabhairt do bháis: ar a mhéid atá an fuacht dulta i ngreamuightheacht ionat. Ní mór an mhaith bheith d'iarraidh an scéil do chosc anois ar a leathtacht atá sé: a fhairsinge(acht) ameasc an phobail. Tabharfair leathtacht mhór dod chuid talmhan agus an gairbhthean san do bhriseadh a's do scaoileadh leis: breis mhór mhéid do chur air. An locht is mó ar an bhfeirm sin, a leathtacht ó chéile a's tá sí: an-scaipighthe: smut di annso a's smut di annsúd. Ar a leathtacht atá a chuid airgid fiach fén dtuaith, a leath ní bhaileóchaidh sé choidhche .i. fiacha ar dhaoinibh aige i ngach treó.

leath-thagradh: *f.1.* beagán tagartha nó tráchta. Ní raibh ach leath-thagradh déanta agam do nuair bhreithnigheas nár theastuigh uaidh a thuilleadh do chlos: beagán ráidhte agam fé. Ní fhéadfainn do bheith deimhnightheach an dtiocfaidh sé nó ná tiocfaidh sé mar nár dhein sé ach leath-thagradh do: ní dubhairt ach é do luadh i slighe ná féadfá tátall do bhaint as.

leath-taobh: (**leath-thaobh, leaththaobh, leathtaobh**) *f.1.* $_{7}$ *b.2.* taobh amháin, cliathán, as an slighe, ar leithrigh; as an mbealach díreach. Sméid sé i leath-taoibh orm a's d'inns ós íseal dom go rabhthas ar thí mo mharbhtha: in áit fé leith as an áit go rabhas. I leath-taoibh thu! ó fhear an ualaigh: fág a bhealach ar dheis nó ar chlé. Chuireas i leath-taoibh an méid seo airgid i gcóir an lae chruaidh: in ionad leis féin: i gcoimeád. Aon mhaith bheith d'iarraidh a leasuighthe anois, tá an cúrsa i leath-taoibh: thart. Toghadh gach aonne eile a bhí istigh air, ach mise a cuireadh i leath-taoibh: níor bacadh liomsa i bhfabhar daoine eile. Beir an fear san i leath-taoibh .i. as chuideachtain chun chómhráidh rúin do bheith agat leis. Cuirimís an margadh so i leath-taoibh a's deinimís margadh is comhthruime 'ná é: ar neamh-nidh. Cad tá ort go bhfuil leath-taobh ort?: cromtha chun talmhan ar chliathán díot. Leath-taobh mo chinn atá le tinneas: cliathán amháin de. Sínte ar mo leath-taobh sa ghainimh: ar chliathán: ó ghualainn síos go troigh: "ar mo sciain". Doras dúbalta go bhfuil dhá leath-taobh air: é roinnte ar a fhaid 'n-a dhá chómhlainn. Má fhéachaim i leath-taoibh air tagann fearg air: leath-shúil do thabhairt air: sileadh mo shúl 'n-a threó. Furmhór ár sean-nós táid caithte i leath-taoibh fadó .i. ní cleachtar iad lé fada. Tigh ar leath-taoibh bóthair: in aice leis. Cuir i leath-taoibh é sin go mbeidh gnóth dhe: in áit chúláistigh chun coimeádta. Chuadhais i leath-taoibh .i. in áit leithreachais.

leath-taobhach: *a.* claon, leithleach, leathrannach. Ní iarrfad a bharamhal san in ao'chor, is eól dom é do bheith leath-taobhach, is ní bheadh a bhreith cóir: é do bheith i bhfabhar duine nó taobh a's in aghaidh an taoibh eile. Ar bheith ag áiteamh an chirt air sin choidhche, an scéal céadna dob é é, tá sé ró-leath-taobhach: róleagtha i bhfabhar taoibh áirighthe. Imirt leath-taobhach í seo, aon chúig ná cluiche níl agam dhá fhagháil .i. í go léir ag an ndream atá im choinnibh. Is ait an fear é, deineann sé gach aon rud go leathtaobhach, budh dhóigh leat gur ghadaidhe é: i ngan fhios: ar a chion féin.

leath-taoide: *f.4.* leath líona nó tráighte na mara. In a leath-taoide lán anois: an oiread eile a's beidh 'n-a lán-mhara. Chaitheamair leath-taoide ag feitheamh leis gan é do theacht .i. scathamh mór, fada, tuirseamhail.

leath-tarraing: (**l.-tarrac**) *f.1.* tarrac ar thaobh, strus. Is iomdha leath-tarraing ar an aindeiseóir sin i ngan fhios d'aonne: ciotaighe: anródh: strus saoghalta. Is fada bacach as a chois dheis é, tá leath-tarraing air .i. ní bheireann sé leis í chómh lúthmhar, líomhtha leis an gceann eile. Níl tairric na trucallach in ionannas, tá leath-tarraing ar an gcapall .i. is mó an strus atá ag breith ar thaobh de bhreis ar an dtaobh eile. Leath-tarraing orm seadh tú bheith i leith an tighe liom: cur siar orm: duadh tú do chothughadh.

leathtóir: *f.3.* duine nó gléas a leathas síol; duine a chuireas ráflaidhe a's scéalta 'n-a rith. D'fhan planncanna móra ná raibh aon bharra ortha, droich-leathtóir a leath an síol .i. ná raibh ábalta ar é do chur mar budh cheart. Focal ná creid ón leathtóir bréagach san: scaipightheóir scéal. An leathtóir atá ar an gcraolachán aca, labhrann go soiléir, thuigfeadh aonne é: an té a scaoileas chun na ndaoine an nuadhacht.

leathtóireacht: *b.3.* scaipeadh nó fairsingiughadh scéalta ar dhuine, go mórmhór éitheach. Géilleadh ar bith ná tabhair do go bhfuil a lithéid déanta aige, níl ann go léir ach leathtóireacht: scaipeadh mailíseach cainnte. Bíonn an saoghal mór ag leathtóireacht air má chídhtear braon ólta aige: ag cur scéalta amach air: ag libhéal air.

leath-thómhas: *f.1.* tómhas gearra, bocht; meath-thómhas. Leath-thómhas do fuaireas uaithe an sprionnlóir: tómhas gearra, nó mar ar bhain sí aon rud as níor chuir sí aon rud leis. Fós ní fhéadfainn a dhéanamh amach cad é an saghas fir é níl ach leath-thómhas déanta agam air: níl sé scrúduighthe 'n-a cheart agam.

leath-threascairt: *b.3.* leath-leagadh, ísliughadh. Baineadh leath-threascairt as ar an ngortughadh atá air: treascairt nó leagadh cuibheasach trom. Táim ar mo leath-threascairt ag an saoghal: nách mór claoidhte amach aige.

leath-trom: *f.1.* buadhairt, buaidhreamh, éagcóir, éigean. Dá mbeadh aon leath-trom ort ná bíodh eagla ort ná raghainn-se ar do thárrtháil: buaidhreamh: leath-chuma. I roinnt na talmhan is mór an leath-trom do deineadh orm, níor deineadh a thabhairt dom ach an chuid dob aindeise a's b'aimhréidhe dhe: fuaireas déanamh éagcórach. B'fhada dár dtír fé leath-trom allmhurach ghár gcoimeád fé chois: éigean: tromaidheacht go héagcórach.

leath-tromach: *a.* brónach, éagcórach, fóiréigeantach; trom ar thaobh. Bhítheas chómh leath-tromach san orm, ag cur gach gnótha a's oibre orm ná rabhas i ndán broic leis: go ródhian thar cuimse. Scéal leath-tromach gen mbaile, tréis na hoidhche, bád báidhte as: brónach, duairc. Tá an mála leath-tromach ort, is deacair duit é d'iomchar: an iomad den meádhachtaint ar thaobh de.

leath-truime: *b.4.* fóiréigean, iomad meádhachana ar thaobh, leithleachas. Riamh, riamh, faid is cuimhin liom, tá leath-truime dhá dhéanamh sa tigh seo orm, a dhá oiread soathair agam dhá dhéanamh a's gan puinn dá bharr agam: leithleachas: déanamh éagcórach: leithleachas orm. Mara mbaintear an leath-truime den ualach, anuas ar an dtalamh leis: leathcheann: an taobh de atá róthrom d'éadtromughadh.

leath-thuile: *f.4.* leath na taoide líonta. Tá sé ’n-a leath-thuile (leath a thuile) anois: an taoide leath-lán.

leath-uair: *b.2.* leath uaire an chluig; seal beag. Fan leath-uair liom, ní bhead i bhfad uait: seal beag. Leath-uairín eile a’s bheinn déidheannach .i. ní raibh ach a rádh go rabhas in am go beacht. Leath-uair oibre ní thabharfadh san duit lé scannradh chun an tsaoghail: aon tamall dá luighead.

leath-uise: *b.5.* taobh amháin den gceann aniar ón gcluais go héadan. Buaileadh in áit ghonta go maith é, sa leath-uisinn: idir chluais a’s éadan.

leath-ursa: *b.5.* leath-fhráma (chuaille) dorais. A leath-ghuala aige le leath-ursainn an dorais: buailte ’n-a coinnibh go díomhaoin.

leibhéal: (**libhéal**) *f.1.* comhthromughadh; léirmheasadh; leathtóireacht; úirlis lé n-a mbreithnightear an mbíonn rudaidhe ar líne chomhthromach; leagadh go talamh. Fear leibhéil é sin .i. fear a bhíos ag innsint scéalta go háidhbhéiseach ar dhuine chun seóidh do dhéanamh de. Ná cuirtear an ceann ar an dtigh go mbí na fallaidhe ar leibhéal: comhthromach: cómh-aoirde ó bhinn go binn. Cuir an leibhéal ar an bhfalla d’fhéachaint an bhfuil sé tógtha mar a chéile: úirlis go mbíonn braon i ngloine ann. Áit ghéar, anacrach é seo ach ní fada ná go mbeam ar an leibhéal: ar thalamh comhthrom gan árd ná ísleán. Is iomdha babhta leibhéil do dheinimís ort i Mearaice .i. bhímís ag trácht ort a’s ar do ghníomharthaibh a’s ag baint suilt as.

leibhéaladh: (**libhéaladh**) *f.* (*-lta*) leagadh, milleadh; comhthromughadh uachtair talmhan, falla etc. Ní leibhéaladh go dtí mar néann na pléascáin throma ón aer, deinid brúscar des gach aon rud ’n-a dtreó: leagadh síos ar chóimhrian leis an dtalamh. Feirm achrannach, chlochach dob eadh a bhí aige gur dheacair soc céachda do chur innte. Is mór an leibhéaladh atá déanta uirthe go bhfuil sí ar nós na trágha báine anois: míniughadh a’s réidhteach. Ní féidir tosnughadh ar thógaint fós, tá an áit gan leibhéaladh: scartadh, socrughadh a’s feistiughadh oireamhnach. Is mór a’s is gránda an leibhéaladh atá dhá dhéanamh ón aer ar chathrachaibh sa chogadh so: tighthe dhá leagadh ar lár. Leibhéaladh ceart dá dhéanamh annso againn ort mar gheall ar an slighe do cuireadh amugha thu gan bheith láithreach: trácht mhagaidh lé sásamh.

leibhéalaim: (**libhéalaim**) *b.a.* leagaim ar lár, millim; cuirim síos nó aithrisim (ar) chun seóidh. Tá sé sa tarngaireacht go libhéalfar Sasana: go leagfar a cuid tógála a’s go scriosfar í. Libhéaltar an áit sin nó ní féidir do chapall an trucaill fhollamh do tharrac ann: é do scartadh a’s a uachtar do chomhthromughadh a’s do chur ar aon rian aoirde. Chuala gur libhéalabhair bhur ndóthain orm mar gheall ar leatheantaibh mo chúirtéireachta .i. gur chuireabhair síos orm go háidhbhéiseach i slighe gur baineadh sult as fúm.

leibhéalta: (**libhéalta**) *a.r.* leagtha ar lár (go talamh), scriosta; curtha ar cóimhrian; comhthrom. Talamh leibhéalta an fheirm sin, ní deacair í d’oibriughadh .i. gan puinn aoird ná ísleáin ann. Cómh leibhéalta leis an úrlár (léd bhais) atá an bóthar fé láthair: an-

réidh: slinn. Bhíodh deich dtighthe a's dathad annsan aimsir an drochshaoghail, iad go léir leibhéalta anois: gan a rian ann.

leibéis: (**libéis**) *b.2.* neamhchríochnamhlacht, faillighe, neamhaire, fuairthéacht, neamhshuim, manaois, liobarnacht. Sin é, tuiteadh a's briseadh gach aon rud as do lámhaibh, ní leigfeadh an leibéis duit é: liobarnacht. Diúltuighimís do ach is dócha gur b'é an leibéis a fhág amuigh é, fairír: ceal aire cheart budh bhun lé n-a bhás. Ní le ceal eólais ná deineann sé obair seacht n-uaire níos fearr ach lé leibéis: neamhchúramacht a's neamhshuim. Leis an leibéis, Dia linn, tá a chlann gan luid den éadach ortha ná leath a ndóthain lé n-itheadh: fuairthéacht .i. is cuma leis ceaca: choidhche ní buailtear 'n-a aigne go bhfuilid 'n-a ngábhtar.

leibéiseach: *a.* faillightheach, fuairthéach, manaoiseach, neamhshuimeamhail, liobarnach. Duine níos leibéisighe is fada gur airigheas ag cainnt, cad é mar ghnóth dhuit bheith ag eachtruighe scéil ná fuil ann ach scéal scéil?: tuathalach, neamhchómharsanamhail. An fóghmhar leibéiseach so ar an bpáirc fós a's é istigh gen saoghal mór: an fóghmhar nár fhéachadh chuige i dtráth. Bhuail sé an tsráid síos chómh leibéiseach a's gur dhóigh leat air ná raibh buadhairt fén spéir a's a bhean marbh: gan pioc suime aige ann. Beir go grod, gasta ar do sciain, a's ná bí chómh leibéiseach san a's go mbeidh sí ag tuiteam ar an úrlár uait: liobarnach.

leibide: *f.4.* daoiste, bathalach, búiste, daoi, leice, breallán. A leibide, féach mar scaoilis uait an t-ainmhidhe sin ar mhargadh an tsean-chorcáin: duine gur furaiste a mhealladh. An gnóth breallach, neamhghasta atá id dhiaidh ní misde a rádh ná gur tú an leibide gan slacht: neamhchúramamhail. A leibide, ná geóbhfá thar dhaoinibh a's gan bheith ghá suaineáil: duine tuathalach gur cuma leis cá ngaibheann sé. Ní tusa an leibide ach mise a chuir me féin fé anródh leat: duine furaiste do chur amugha.

leibideach: *a.* manaoiseach, tuathalach, breallánta. Cuireadh ar mo shúilibh fiche uair dom nár bh'aon áit shábhálta dhom é, ach bhíos chómh leibideach san ná glacfainn cómhairle aonne: amadántamhail. An chuma leibideach go láimhseálair an tuireasc san déanfair dhá loma-leath dhe: tuathalach: gan ghastacht. Cailín leibideach a fhágas na háruistidhe go salach 'n-a diaidh: neamhchúramach.

leibideacht: *b.3.* tuathalacht, óinseamhlacht, manaois, fuairthéacht. Istigh a's amuigh tímcheall na háite céadna níor thugas fé ndeara ach leibideacht tighthe gan críochnughadh, clathacha ar lár, barraidhe gan aire: fuairthéacht. Imthigheann an biadh féin trí n-a ladhrachaibh go haindeis lé n-a leibideacht: gan gastacht chun áis cheart do bhaint as. Lé corp-lár leibideachta d'fhág sé a dhoras gan glas a's ní raibh faic roimis ar filleadh dhó ná raibh árduighthe chun siubhail: amadántaidheacht a's neamhchrích.

léic: (**léig**) *b.2.* meath, faillighe, olcas, laige, tarrac uisce. Chuaidh sé i léig go mór annsan na bliadhanta déidheannacha, níor fhan misneach ná tapa ann: ar gcúl: chun deiridh. Ná tagadh aon léig id mhisneach, i bpearsain 'si gclódh táir chómh deallramhtach lé haonne aca: ísle bhrighe, meathtacht. B'éigean don gcriú an long d'fhágaint, tháinig léig innte a's thosnuigh ar shungcáil: poll, scoilt nó beárna de dheascaibh basctha go mbeadh uisce ag

teacht tríd. Braon anuas agaibh, tá léig in áit éigin i gceann an tighe: áit don bhfliuchán teacht tríd. Leigeadh i léig an fheirm: níor tugadh an aire cheart di maidir lé saothrughadh a's leasughadh. Monuar an ghlan-Ghaedhealaing ag dul i léig a's ná cloistear acht ag na seandaoinibh í: gan an earraidheacht budh ghnáth dhá dhéanamh di.

leice: *a. n-dh.* leóchaileach, caithte, tanaidhe, so-chaithte. Duine leice me ná fuil fulang ar fhuacht ná ar chruadhtan agam: leóchaileach. Ní fhéadfadh sé bheith láidir, sláinteamhail ar an gcuma leice atá air, ní mór ná go bhfeicfeá an solas tríd: tanaidhe, éiglidhe. Buachaill ró-leice é chun strus saighdiúireachta d'fhulang: gan bheith i ndán broic lé cruadhtan. Turcaidhthe óga bíd an-leice a's ní mór dóibh aire mhaith chun a dtógtha: cáitineach.

leiceacht: *b.3.* leóchaileacht, cáitineacht, tanaidheacht, neamhfhulang. Mara ndéanfadh sé ach a chosa d'fhliuchadh gheóbhadh sé fuacht a's slaghdán lé n-a leiceacht: neamhfhulang ar chruadhtan cuirp. Is annamh do théigheann sí thar tairsing, tá sí dulta chun leiceachta ar fad lé déidheannaighe: claon lé drochshláinte. Duine gan aon leiceacht a sheasóchadh iascaireacht oidhche: ná beadh claon lé anródh do ghoilleamhaint air. Leiceacht na leanbh trí dhroichbhiadh: dearóileacht.

leiceadar: *f.1.* buille leis an mbais, stiall. Is iomdha san leiceadar do fuaireas ar scoil dá ndéanfadh sé aon mhaith dhom: buille baise sa leathcheann. Budh throm an leiceadar dóibh beirt leanbh do chailleamhaint in aon bhliadhain ortha: stiall, dochar. An dá thír, Sasana a's an Ghearmáin a's gach re leiceadar aca ar a chéile ón spéir de ló 'gus d'oidhche: stiall: ionsaighe fíochmhar. Fuaireas leiceadar a chuir ar mo dhá ghlúin me: smíste: buille go raibh fuinneamh leis.

leiceadráil: *b.3.* bualadh, stialladh, smísteáil. Budh mhar a chéile bheith ghá leiceadráil siúd lé bheith díomhaoin, bhí ceann chómh cruaidh lé cloich air: ag gabháil lé basaibh air. Bítí an-dhian sa bhaile air a's é 'n-a leanbh, ghaibheadh sé leiceadráil ar an gcúis budh lugha: bualadh: greadadh. Bhuaileadar a chéile, d'airigheas gur thugadar leiceadráil mhaith dá chéile: crústáil .i. gur smísteáladar a chéile go cruaidh. An leiceadráil a bhí ag an gcarraig dhá fhagháil ón bhfarraige chloisfeá míle ó bhaile í: bualadh.

léiceamhail: *a.* lag, dearóil, cailleamhnach, leóchaileach. Bhíodh air árd-aire do thabhairt do féin, bhí sé léiceamhail ó bhí sé sa tíorthaibh teó lasmuigh: claon lé bheith drochshláinteach .i. ar aiste sláinte gur beag an t-anródh ná goillfeadh air. Na bróga léiceamhla atá air chuirfidís galar i gcroidhe aonne .i. gan cosaint fuachta ná uisce ionta. Ná bac daoine léiceamhla do chur fé anródh: go mbeadh éasc 'n-a sláinte. Is mithid don líon do bheith léiceamhail, is iomdha biadhaiste curtha isteach aige: cailleamhnach: bheith "ag faire ar" bheith ag tuiteam as a chéile.

leiceanta: *a. n-dh.* néata, niamhair, gleóidhte, so-amhairc, snasta. An bhróg leiceanta atá uirthe ní fhéadfá do shúile do thógaint di: córach, fáischithe, luighte lé n-a cois. Ó n-a bróig go dtí n-a hata ní raibh ball uirthe ná raibh chómh leiceanta a's d'iarrfadh do shúil: néata, niamhair, oireamhnach a's ag teacht di. Bíonn sé an-leiceanta i dtaobh gach aon

rud do bheadh dhá dhéanamh agat do agus mara mbeadh chun a shástachta thabharfadh leasughadh teangan duit: beacht, ceartéiseach.

leicneach: *b.2.* aicíd thógálach go leanann at tinneasach i seatharaibh na scórnaighe í.

leicneán: *f.1.* duine éiglidhe, fann. In a leicneán leapan atá sé an chuid is mó dá shaoghal.

leidhce: *f.4.* duine nó rud gan dus, liobarnach, neamh-anamamhail. Leidhce ná feadar connus a mhadaidhe do chur amach: duine gan anam ná praitinneamhlacht i mbád. Beir ar an gcasóig sin, tá sí n-a leidhce tréis na báistighe: bog, neamh-chrotamhail. Táim im leidhce cheal bídh a's ag anródh: gan me i ndán cor do chur asam lé neamh-anamamhlacht.

leidhcidhe: *f.4.* duine nó rud gan anam, gan mhaith, nó imthighthe as crot. Leidhcidhidhe bróg go bhfuil an t-uisce isteach 'samach ionta: bróga droichleathair go bhfuil a gcrot imthighthe dhíobh. Cuireadh an iomad ualaigh ar an ainmhidhe gur deineadh leidhcidhe anuas ar an dtalamh de: gur bhrúigh an mheádhachtaint fúithe thíos é. Éist! a leidhcidhe a's ná bím ag éisteacht le cainnt gan deallramh uait: duine ná machtnuigheann ar an nidh a bhíos lé rádh aige. Leidhcidhe duine tímcheall aon ghnótha seadh é, is mó do bhíonn sé sa tslighe 'ná mar dheineann sé de mhaitheas: liobarnach: neamhchruinn. Bheadh truagh agat do ag imtheacht 'n-a leidhcidhe ó thigh go tigh lé digh: go hait, 'n-a leath-amadán a's 'n-a chúis gháiridhe ges gach aonne.

léighe: *f.4.* claonadh muinnteardhais, cion, fabhraidheacht, meas. Bíonn léighe le haonne i siopa go mbíonn airgead aige .i. leagadh ge siopadóir leis lé súil go mbeadh sé ag ceannach. Beagán go mbíonn léighe aca leis an nduine mbocht, gaibhtear tharais gan a thabhairt fé ndeara: báidhidheacht nó fonn muinnteardhais. Ar an méid do bhí déanta aige cuirfí bliadhain phríosúin air mara mbeadh an léighe a bhí sa chúirt leis: fabhraidheacht: leagadh lé bheith bog leis. Rud seadh an bás ná bíonn léighe aige le haonne .i. ní fhágann aonne 'n-a dhiaidh lé báidh nó cion do. Chuirfeadh an fear céadna a's an tslighe ghrádhmhar atá aige léighe ag aonne leis: meas air a's báidhidheacht leis. D'iarraidh léighe do dhéanamh leat atá sé god mholadh: d'iarraidh báidhidheachta do mhúscailt ionat do. Tá léighe ges gach aonne leat annso: gach aonne claon leat: ar do thaobh.

léigheamh: *f.1.* (*7 –ighte*) adhbhar scríobhtha nó clódhbhuailte do rádh ós árd, ar chuma áirighthe, do thuigsint a's do léiriughadh; machtnamh do dhéanamh ar agus do léiriughadh; do réidhteach dréir mínighthe. Ag léigheamh leabhair, páipéir, etc.: an chainnt nó an trácht a bhíos ionta do rádh go soiléir a's a thuigsint. Níl aon léigheamh ar ghníomharthaibh an duine sin lé n-a olcas (feabhas etc.): ní féidir cur síos in iomláin ortha. Ní fhéadfá léigheamh ar cad a bheadh ar maoith ag an bhfear san: dul amach ar cad a bhíos ag gabháil trí n-a aigne. Is ait an rud é ach ní hé an léigheamh céadna do dheineas-sa ar an gcúrsa in ao'chor: ní hé an tátall céadna do bhaineas as dréir mo mhachtnaimh air. Dá mbeifeá ag léigheamh choidhche air ní bheadh deireadh ráidhte agat: ag cur síos dréir do thuigseana. Níl mórán léighimh i bpáipéar an lae indiu: nuadhacht .i. gur fiú a léigheamh. Fuair an bille an chéad léigheamh sa Dáil indé .i. a chur ós chómhair na cómhdhála gan aon diospóireacht do bheith air. Is beag duine a fhéadfadh

léigheamh ar connus mar raghaidh an cogadh so: tuairm chruinn ar an ndeireadh a bhéas air.

leigean(t): *f.1.* do lamháilt, do cheadughadh, d'fhuascailt, do thabhairt, do chur 'n-a rith, áis sealadach ar cíos; do lamháilt trí fhaillighe neamhaire nó ceal cumais; cosc do chur isteach ar rud. B'fhearr leigeant dóibh seo a leigeas dúinn: gan bac leo: é d'fhágaint ar a mbuille mar gheibhtear iad. Níl uaim ach leigeant dom: gan aon bhaint do bheith liom a chuirfeadh as dom. Tá sé láidir, nimhneach, a rian air táthar ag leigeant do: ag fanacht ó caduaic do chur air. Rófhada táthar ag leigeant do, sara fada gheóbhaidh sé lastuas des na daoinibh: a chosa dhá thabhairt do nuair budh chóra cosc do chur leis. An bhfuil do shúil ag leigeant duit an aimsir seo? .i. gan bheith ag cur tinnis ort. B'fhearr leigeant don ól: é do sheachaint. "Is fada leis atáthar ag leigeant do féin", deirtear lé duine a bhíos ar sciobaigh chun troda nó treasnála. Bhíodar ag leigeant do bás d'fhagháil leis an ocras .i. gan aon fhóirithint bídh do thabhairt air. Ag leigeant air, mar dheadh, nár chualaidh sé thu ag lorg air, nách bódhar do measfí dho do bheith?: dréir an deallraimh a bhí air budh dhóigh lé duine nár chualaidh sé. Ná bí ag leigeant an lae ort féin annsan a's obair ag brath ort in áit eile: ag siléig a's ag caitheamh aimsire ann. Gan puinn suime do chur ann bhíodh sé ag leigeant na bhfiach air féin go dtí go raibh sé briste: ag tógaint earraidhe thar a chumas díolta asta. Ag leigeant chloch ar an mbóthar: dhá leagadh ann a's dhá scaipeadh. Ag leigeant uisce ar an bpáirc go bhfásadh breis fhéir uirthe: ag scaoileadh. Bhíodar d'iarraidh gan a chodladh do leigeant air leis an méid geónach a bhí dhá dhéanamh aca: do theacht air. Dia dá leigeant dúinn 'n-a bheith a's n-a shláinte cad dhéanfaimís gan é: ghá lamháilt againn a's a thairbhe. Gan é do mhór-leigeant duit maran buaidhte bhís leis bheith ag teannadh leis a's gan pioc dá bhuidheachas aige ort: b'é b'fhada dhuit go rabhais scartha leis. Gan tú do leigeant dom, a amadáin, go scarfá léd chuid chómh boigéiseach san: agam nár fágtar tu (searbhas). Sin é an t-iasc ar barra, bítear ag leigeant air: ag cur na líonta chun beartha air. Braon do leigeant air chun a tháthuighthe: luaidhe leachta do scaoileadh air. An braon do leigeant as an gcneadh: í do lannsáil a's an t-othar do scaoileadh amach. Cuireadh i bhfighis orm gan aon rud do leigeant ar an dtigh faid do bheinn 'n-a bhun: bascadh, díoghbháil ná dochar do thárlachtaint do dom dheóin. Mhoilligheadar tamall mór toisc an drochuain a bhí ar eagla leigeant fé: scaoileadh fé: dul 'n-a threis. Tá sibh ag leigeant fé, a fheara: ag gluaiseacht ar thurus geábh etc., ag cromadh ar obair. Ná bí ag grogaidheacht, is eagal liom go bhfuilir ag leigeant fút rófhada: ag moilliughadh idir dhá chómhairle a's an aimsir ag gabháil thart. Ní túisce fuair an dá luing chogaidh amharc ar a chéile 'ná chromadar ar leigeant fé chéile: ag caitheamh philéar. Tá an calán san ag leigeant as, níl braon uisce ag fanacht ann: ag sileadh trí léic ann. Séidtear an lamhnán airís, tá sé ag leigeant as: an ghaoth (aer) ag éalódh as. Níl aon leigeant as déanta fós aige: trághadh. Is mithid duit stad, tá ár gcluasa bodhar agat, tú ag leigeant asat gan chosc gan srian: ag síorchainnt. Táim-se ar tí fágtha, is iad so d'iarraidh gan me do leigeant as .i. ag cur cosca fágtha orm. Bhí an chúis rómhór air a's níor bh'fhéidir é do leigeant as chomh bog san: do scaoileadh gan duaidhnéis éigin do chur air. Tréis dhá bhliadhan 'n-a bhráighe dho moladh é do leigeant saor: cead a chos (saoirse) do thabhairt do. Is mór an léighe atá aca leat a's tú do leigeant saor, a's iad féin ag caitheamh ort: gan a bheith ort airgead do chaitheamh. Ní bheadh aon ghnóth na ba deóranta do leigeant chun ár mba-ne, phleanncfaidís a chéile: do lamháilt 'n-a measc. Má tá amhras aca ortha féin gur fir mhaithe iad nách fearr iad do

leigeant chun a chéile: gan teacht eatartha: iad do scaoileadh i gcochall a chéile. Níl sé ceart daoine ró-óga do leigeant chun a chéile: a lamháilt dóibh síolbhughadh: clannughadh. Níor mhó 'ná a fhonn a bhí air an scéal do leigeant chugham, pé ciall a bhí aige lé hé do choimeád 'n-a rún orm: é d'innsint. Bheadh an cúrsa ní b'fhearr an cárta úd do leigeant chugham .i. gan é do bhualadh go dtiocfadh sé chun m'imeartha. An-bheart do deineadh gan é do leigeant amach air go raibh a lithéid de mhío-ádh tuitighthe air: do scaipeadh mar scéala mór dtímcheall. Ní fhéadfadh na leidhcidhidhe bróg san ort gan bheith ag leigeant isteach: ag tarrac uisce. Nách leiceanta a bhíos an lacha ag leigeant an uisce dhi siar dá druim: gan chead stadta do thabhairt do. Dá mhéid a bhí dhá rádh leis bhí sé ghá leigeant de: gan é ag cur aon tsuime ann. Ag leigeant an ualaigh dá dhrom: dhá scaoileadh uaidh ar an dtalamh nó ar rud éigin. Ag leigeant an ualaigh etc.: ghá fhollamhughadh. Tuirseach, tuirseach gen siubhlóid, do shuidheas ar ghruadh an bhóthair ag leigeant mo scíthe: ag déanamh sosa go n-imthigheadh an traochadh cuirp díom. Mise do leigeant go deireadh a bheadh uaibh, an eadh? .i. freastal ar gach aonne eile rómham. An fonn leat an bád do leigeant go tóin puill?: gan í do chosc ar shungcáil. Faid a théide do leigeant leis a's stadfaidh sé uaidh féin .i. a cheann 'sa chosa do thabhairt do: gan teacht treasna air. B'fhearra dhom leigeant leat an uair úd ná tú do bhualadh (cártaidhe): an chúig d'fhágaint agat. Rófhada atá Dia a's daoine ag leigeant leat: gan stad do bhaint asat ná cosc do chur ort. Bí ag leigeant na téide liom fé mar bheadh ag ísliughadh sa bhfaill: ghá bogadh: ghá scaoileadh liom. Bítear d'iarraidh gan me do leigeant 'n-a ghoire .i. ghom choimeád uaidh. Budh mhór an truagh an talamh san do leigeant i bhfásach mar deineadh: gan aon chosc do chur air. Mo chómhairle dhuit choidhche cainnt bhorb do leigeant thart: gan freagra do thabhairt uirthe. Thairng sé a ghluaisteán treasna an bhóthair d'iarraidh gan me do leigeant tharais (amach): do scaoileadh: bóthar do thabhairt dom: me do lamháilt chun cinn air. Is mór gur ghalánta dhuit duine iasachta do leigeant thart: gan cruisteach ná coimhtheas do dhéanamh air. Fanacht istigh chun an cheatha do leigeant thart: go mbeadh deireadh leis. Ní stad ná staon do rinne sé ná féachaint roimis ach leigeant tríd an mbaile: gabháil tríd go fuadrach. Ar phrap na súl, sin é an fear ná beadh i bhfad ag leigeant an ghaoth 'san ghrian tríot .i. a lámhachfadh thu. Dhein sé a dhícheall d'iarraidh gan me do leigeant trí n-a chuid talmhan .i. a lamháilt dom casán nó slighe do bheith agam ann. An bhfuil an tigh sin le leigeant?: le cur ar cíos. B'fhearr dhuit me do leigeant farat: gan chosc do chur orm bheith it fhochair. Ná bíodh sé den ndiabhal orm me do leigeant uait, congaibh greim docht, daingean orm: scaoileadh liom: gan me do chosc ar imtheacht ón gcoimeád atá agat orm. B'ait é thu a's an tigh do leigeant uait chómh saor san .i. scaramhaint leis ar shuim airgid chómh beag. Me do leigeant uatha as an dtigh gan biadh ná deoch do thafant orm: gan a rádh liom fanacht.

léigheann: (**léighean**) *f.1.* eolas nó fios fachta as stuidéar; tabhairt suas leabhar. Do dhuine gan léigheann is mór an mheabhair cinn atá aige: foghluim as leabharthaibh. Fear mór léighinn é, is beag rud ná go bhfuil a bheag nó a mhór d'fhios aige air: scoláire. Rud atá ródhoimhin, rómhaith dhom thuigsint é sin, fágaim fé lucht léighinn é: daoine go mbíonn eolas aca ó bheith ag foghluim. Dá ndéarfadh duine cainnt neambanamhail is minic do caithtear leis mar charbhall, "mhuise, tá léigheann ort": tabhairt suas. Ní théigheann stad air ach ag déanamh léighinn: ag stuidéar: ag léigheamh 'sag bailiughadh eolais. An uair bhíonn an leabhar againn ní bhíonn an léigheann againn: ní bhímíd ag brath ar aon rud do thógaint 'n-ár gceann nuair bhíonn sé sa leabhar lé tagairt do.

Tuigeann fear léighinn leathfhocal .i. an té go mbíonn eolas mór bailighthe chuige ní gábhadh rudaidhe do mhíniughadh dho mar is gábhadh do dhuine dall. Ní cuirtear síol na sméar agus is annamh an treise ag fear gan léigheann: tagann rudaidhe gan puinn tairbhe asta féin ach an té ná bíonn oilte ó bheith ag foghluim is beag é a chao ar bhuaidh do bheith aige. "Ní fearra dho léigheann na cruinne do bheith air", deirtear lé duine gan foghluim go n-éirigheann an saoghal go maith leis.

léigheanta: (**léigheannta**) *a.r.* foghlumtha, oilte, foirbhthe, tugtha suas, eólgaiseach, cliste, taithightheach. Léigheanta go maith a dhein sé a ghnóth do dhuine ná raibh taithighe aige san áit: cliste. Fear léigheanta é sin .i. go bhfuil foghluim a's eólas fairsing aige ar nidhthibh mar stair, teangacha etc. Buachaill léigheanta an fear san gur deacair do dhuine a chosa do thabhairt uaidh: cliste, oilte ar an mbuaidh do bheith aige. Cailín an-léigheanta .i. go mbíonn mórán eolais a's feasa foghlumtha aice. Thug sé cainnt bhreágh léigheanta dhúinn ar na seanthreabhachaisidhibh a bhí sa cheanntar leis na ciantaibh anuas .i. gur fhoillsigh sé eolas beacht, cruinn do bheith aige. Duine é sin atá an-léigheanta ar an aimsir: a dhéanfadh fáistine uirthe.

léigheantacht: (**léigheanntacht**) *b.3.* eolas, fios (mórdhálach). Dá léigheantacht ataoi, dar leat, ní bhuailfir aon bhob orm-sa ag imirt chúig chárta: dá mhéid an tóirtéis atá as do chuid clisteachta agat. Dá mbeadh an léigheantacht air siúd mar tá ar dhaoinibh eile a's an mheabhair chinn go léir do thug Dhia dho tiocfí tharais: dá mbeadh eólas scolaidheachta nó as leabharthaibh fachta aige.

leigheas: *f.1.* cneasughadh, leasughadh, deisiughadh, íc, slánughadh; ealadha, gnáthamh a's gairm míodhchaine, fuascailt, feabhas. "Níl leigheas ach bheith cráidhte", nuair thárluigheann rud nách féidir cur 'n-a ionad nó malairt na cailleamhna d'fhaghail. An bhfuil an leigheas ag dul ar an gcois tinn?: feabhas nó cneasughadh. "Ceiridhe leighis lé tón gan tinneas" (cleith-mhagadh): deirtear lé rud go mbítear ag freatháilt leighis air a's gan call leis. "Is í an luibh ná faightear go mbíonn an leigheas innte": lé linn gearáin, dar linn dá mbeadh againn an rud ná bíonn aon dul againn air, gurb ann do bhíonn ár bhfuascailt. Deirtear lé linn ruda maith d'itheadh nó d'ól, "mhuise tá leigheas ann": tairbhe cuirp thar barr, nó "tá leigheas na gcéadta ann" .i. is beag duine ná go ndéanfadh sé maith do. "Is fearr cosc ná leigheas" .i. is fearr rud do sheachaint trí aire 'ná bheith d'iarraidh a chúraim do chur díot 'n-a dhiaidh san. "Ní bhíonn leigheas ar an gcathughadh ach é do mharbhadh lé foidhne" .i. níl teacht ó chathughadh is fearr 'ná é d'fhulang go cródha. Bheadh leigheas agat ar an mbochtanacht ach aire do thabhairt dod chuid airgid nuair bhí sé agat: slighe chun í do sheachaint. Dá mbeadh rud ag dul dinn do dhéanamh déarfaimís, "déanfad-sa leigheas maith air, leigeant do féin" .i. tiocfad sa cheann réidh den scéal. Gáire maith a's codladh fada an dá leigheas is fearr .i. an té a bhíos geal-chroidheach a's a chodluigheas a dhóthain is é is móide bheith sláinteamhail, sona. Ní lia dochtúir ná leigheas: ní mar a chéile a chuirfeadh gach aon bheirt dhochtúiridhe chun othair do chneasughadh. Ní fheadar cad budh cheart do dhuine do dhéanamh, gach aonne a's a leigheas féin aige: gach aonne a's malairt tuairme aige ar cad do dhéanfadh maitheas. Níl de leigheas anois air ach leigheas an bháis: an bás aon t-aon fhuascailt a gheóbhaidh sé ar a ghearán. Bean í sin go bhfuil leigheas aice: cómhacht lé luibheannaibh, arthaidhe, asarlaidheacht etc. fuascailt do thabhairt ar cheasnaidhthibh,

gearántaibh, máchailidhibh etc.: bean leighis. Ní féidir é do leigheas ón ólachán anois, tá sé dulta ródhoimhin ann: aon rud do dhéanamh do nó leis go dtréigfeadh sé é. Ní fhéadfainn aon airgead do thabhairt duit, is oth liom é, ach níl aon leigheas agam ort: níl ar mo chumas an fhóirithint do thabhairt ort, a fhuasclóchadh ód bhroid thu. Ní haon leigheas ar an scéal bheith ghá aithris connus mar thárlaidh sé: aon mhaolughadh ar an ngoin. Ní raibh an leigheas os a chionn: ní raibh sé lé teacht chuige féin. Beir ag gabháil den dtuaigh anois go mbeidh sí ó leigheas agat: d'iarraidh a socruighthe go haindeis a's laitfir í. Is maith is eól dom, dá mbeadh an leigheas ar do láimh: an rud a dhéanfadh mo mhaitheas ar do chumas. "Níl luibh ná leigheas in aghaidh an bháis" .i. níl faic ag fás ná ní féidir leis an nduine faic do cheapadh a choiscfeadh é. Ní haonnidh é sin, cad is fiú é, ná aon rud a geóbhfar lé leigheas: lé deisiughadh, nó rud do chur 'n-a ionad. Cad é mo leigheas-sa air má thuit sé uaim?: connus fhéadfainn a chosc.

leaghasaim: (**leighisim**) *b.a.* cneasuighim, slánuighim, deisighim, leasuighim. Ní leighisfeadh dochtúiridhe na Mumhan é: thar fóir. Is beag an rud ná leighiseann an t-airgead é: is beag dochar ná go sásuightear lé hairgead. An saoghal mór ní leighisfeadh drochrud: an té nó an rud ná bíonn fé dho feabhas do chur air bheadh sé chómh maith éirghe as. Leighisfead-sa an fhuinneóg san cuirfead plána nuadh innte: feabhasóchad í: pé máchail atá uirthe cuirfead i gceart í.

leigheasta: (**leighiste**) *a.r.* leasuighthe, socruighthe, deisighthe, cneasuighthe, slánuighthe. Tá gach aon scéal leigheasta anois: socruighthe .i. ní gábhadh tuilleadh meargó do dhéanamh de. Tháinig taom orm ach táim leigheasta anois: go maith uaidh.

leigim: *b.a.* $_{7}$ *n-a.* lamhálaim, admhuighim, leagaim, scaoilim, fuasclaim, caithim, cuirim (ar cíos). Leig an mála ar an gclár: scaoil anuas (mar ualach) é. Ná leig faic ort go dteastuigheann sé uait chómh cruaidh: ná lamháil a dheallramh ná a chómharthaidhe ort i ngníomh ná i mbriathar. Leig ort gur b'é an scéal is fearr dá gcualais riamh é: dein dúmas de .i. má labhrair 'n-a thaobh ná bíodh dochma ná mairg ort. Ná leig aon mhoill ort féin más mian leat bheith in am: coisc tú tú féin ar mhoill. Leigfir an oidhche ort féin ar an bhfuadar atá fút: béarfaidh an oidhche ort mara ndeifrighir. Leigidh fé anois, a fheara, a's go n-éirighidh an t-ádh libh: scaoilidh fé: tugaidh iarracht. Trí huaire do leigeas fén éan gan é do bhualadh: scaoileas urchar leis. Ná cuir aon rud san árus, leigeann sé as: imthigheann tríd mar imtheóchadh uisce etc. Leig an t-at san: lannsáil é: oscail é a's scaoil an t-othar amach. Leig an t-ualach (móna, féir etc.): scaoil as pé áit 'n-a bhfuil sé é – ughaim, trucaill etc. Má leigir a thuilleadh asat, cuirfir náire orainn: má deirir a thuilleadh den saghas atá ar siubhal agat. Do leigeas béic, a's fiche béic, asam d'fhéachaint an gcloisfeadh aonne me: bhéiceas go hobann géar, árd. Leig gach aonne gáire as nuair chonnacadar an cleas seóidh: gháireadar go hobann, árd. Leig ded ráidhtibh béil, táim cortha agat: stad de bheith ag cainnt: scuir. Leig chun siubhail me: ná bí ghom mhoilliughadh: ná coisc me. Ná leig chun cinn é sin: ná scaoil thart amach ort é: sáruigh é. An rud atá ráidhte agam leat ná leig chun aonne beó é: ná hinnis d'aonne é. Leig chugham an téad: bog liom í. Ná leig aon chúig isteach chuige (cártaidhe) .i. buail gach cúig aca. Leigfir chun anatais tu féin má leanair de bheith ag ól: lamhálfair duit féin dul chun olcais ar fad, ar fad. Ní leigfí amach as an bpríosún é go mbeadh a théarma caithte aige: ní tabharfí cead fágtha dho. Ná leig uait an chao nuair bheidh sí agat: greamuigh í:

ná scaoil uait í. Leig siar an braon san a's déanfaidh sé maith na bruinne dhuit: ól é. Má leigir amugha na leabhartha san níl aon ghnóth id bheathaidh agat: gan a gcosc do dhul ar fán. Leigeadh chun báis é má leigeadh aonne riamh .i. níor tugadh aon iarracht ar é do choimeád 'n-a bheathaidh. Leig uait me!: bog díom!: scaoil as do ghreamannaibh me. Leig sé uaidh ar chuma éigin gan choinne aige leis go raibh sé i láthair na babhtála: scéidh sé air féin. Ó deisigheadh an corcán níor leig sé faic uaidh .i. do rinne sé coimeád ar pé rud a bhí ann .i. ní tháinig aon léic ann. Leig dom féin a's ná bí ghom chrádh: fág me mar táim: ná dein aon chaduaic do chur orm. Leig do san go fóill .i. tá roimis sin .i. gheóbhaidh sé sin an rud atá tuillte aige. Nára leigidh Dia dhom thu, a amadáin, (seanbhlas) atá ghod mharbhadh féin do dhaoinibh eile .i. nár gheibhim do thairbhe. Go leigidh Dia dá chéile sibh, is breágh an lánamha sibh: nár né Sé aonnidh a scarfadh ó chéile sibh. Leig leis an ngort san: méaduigh é. An méid atá ráidhte agat leigim leat mar sé corplár na fírinne é: géillim duit: ní labhraim id choinne air. Ná leig do bhuille lé haonne má fhéadair .i. ná buaileadh sé thu gan tú ghá bhualadh 'n-a chúiteamh. Ná leigidh an lá leó má tá sé in bhur gcroidhe in ao'chor: ná lamhálaidh dóibh an buaidh do bheith aca. Ná leig lé faill an lasán san go gcuiread ar mo phíp é: ná caith uait: ná himthigheadh gan mhaith. An té a chuirfeadh orm do leigfinn leis: an té a chuirfeadh a shlán fúm chuirfinn a shlán fé. Leigeadh gadhair an bhaile leis an asal: cuireadh 'n-a dhiaidh iad .i. ar a thóir. Leigeamair tharainn amach é ó bhí an fonn bóthair go léir air: thugamair slighe dho gabháil chun cinn. Leigimís de mhagadh anois, a's bímís i ndáiríribh: caithimís uainn é: scuirimís de. Leigeamair tríd an dtír soir: ghluaiseamair go fuadrach. Leigidh tríotha isteach: sáthaidhidh tríotha gan féachaint dóibh. Leigir gach aonne rómhat, cad tá ort: lamhálair dóibh dul chun cinn ort: buadhachtaint ort. Leigtear sean-fhalaidhe ar lár: deintear dearmhad ar gach sean-díomas. Ná leig id chroiceann é, tá fonn air bheith muinnteardha leat chun do dhíoghbhála: ná lamháil do aon tsuas ná anuas do bheith aige leat.

léighim: *b.a.* deirim de ghuth ghlan, léir, rud a bhíos scríobhtha nó clódhbhuailte; machtnuighim ar agus gheibhim amach an bhrigh atá le; aithrisim. An rud scríobhann an púca léigheann sé féin é: dá dhailleacht do thaidhbhsigheann scríobhnóireacht dhuine eile do dhuine ní nath ar bith ag an scríobhnóir féin a léiriughadh. Léigheann sé sin na réilthínidhe: d'ainmeóchadh sé dhuit iad agus mhíneóchadh a dtuar .i. tá sé an-chliste. Léighfead díbh ar an bhfear san mar is maith liom Dia d'fheicsint: cuirfead síos air féin agus ar a ghníomharthaibh go fírinneach. Léightear ar rí a chuir an chuid budh mhó den domhan aithnid lé n-a linn fé n-a smacht .i. tá sé lé fagháil i leabharthaibh. Cad léighir as an gcogadh anois?: dréir do thuigseana connus is dóigh leat do raghaidh sé? Is é a léigheas-sa as an méid adubhairt sé go raibh buadhairt aigne air: an tátall do bhaineas as tréis machtnaimh do dhéanamh air. Ní túisce do scrúduigh an dochtúir é nár léigh sé cad é an aicíd a bhí air: d'fhionn se, chuaidh sé amach ar cad bhí bun os cionn leis. Léigh leat féin .i. ós íseal. Léigheas ar a bhás ar pháipéar an lae indé: fuaireas cunntas ann air. Léigheadh gach aonne chuige féin: ós íseal. Cé a léighfeadh ar theacht agus imtheacht na taoide?: a thuigfeadh san. Tuigim a's ní léighim a's tuigeann fear léighinn leathfhocal: nílim i ndán an focal scríobhtha do dhéanamh amach. Do léighfinn go léir stair dom stóir etc.: mhíneóchainn. "Do ghlac sé leabhar an Chonnartha agus do léigh in éisteacht an phobail, agus adubhradar san, an uile nidh adubhairt an Tighearna do dhéanfam é agus beam umhal" (Ecs. XXIV. 7): do ráidh ós árd an nidh a bhí ann.

leigitheach: (**leicitheach**) *f.1.* duine nó rud a bhíos curtha i leathtaoibh, fágtha, éimthe. Árduigh leat abhaile na leigithigh ubh so ná ceannófí lé n-a luighead: atá gan bac leó. Tá a sean-úncail 'n-a leigitheach sa tigh aca .i. nár chuir aon chrích air féin riamh a's atá i dtreis an tighe leó ag brath ortha. Pós duit féin a's ná bí id leigitheach i ndeireadh do shaoghail duit: id dhuine aonair gan neach id chúram. Mórán leigitheach adhmaid tréis an tighe ag imtheacht ar shaor-mhargadh: adhmad nár deineadh áis de.

léighte: *a.r.* ráidhte, críochnuighthe maidir lé léigheamh; labhartha; tuigthe go soiléir. Tá sé tamall maith ag leigeant as anois a's cuirfead geall ná fuil sé leighte agat: ná fuil dulta amach agat ar a chleasaibh. Is fada tá an fear san léighte, sean-léighte, agam-sa .i. fios cruinn agam ar gach lúb 'n-a bholg .i. eolas agam ar cad air go mbíonn a thriall chun a thairbhe féin. Tá sé léighte ort ná rabhais go maith in ao'chor nuair bhí cómhacht agat: ráidhte ameasc daoine. Ní raibh sé léighte in ao'chor im aigne agam an tigh d'fhágaint go gcaithfinn é: meáidhte: ceapuighthe. Dá mbeadh oiread léighte agam leat-sa b'aoibhinn dom é: oiread eólais gabhtha thríd agam as leabharthaibh etc. Fear tuisgeanach é sin go bhfuil léighte ar an saoghal go binn aige: breithnighthe, tuigthe go cruinn.

leigthe: *a.r.* sínte amach, fágtha, ar cíos, lamhálta, tugtha dho, scaoilte, bríoghmhar, ceólmhar. Tá an grianán leigthe agam chun Seáin ar phúnt sa tseachtmhain: seilbh chómhnaidhthe ann ar an gcíos san. Furmhór na talmhan leigthe chun móinfhéir: gan aon itheadh ná curadóireacht air. An talamh leigthe aige ar bheann an t-aon mhí déag: beart: socrughadh. A raibh d'othar san odhar, tá sé leigthe anois: tairngthe, tráighte as. Tá sé leigthe ar cheannaidheacht (ólachán etc.) ar fad lé déidheannaighe: tugtha dho: ag gabháil dé go tréan. Ar an ndeallramh a's an imtheacht atá fén gcapall san d'aithneóchadh dall go bhfuil sé leigthe chun ráis: ceapuighthe. Beag, éadtrom mar tá sé, tá sé leigthe chun marcaigh: adhbhar ceart chuige. Ní fhéadfadh sé gan fuinneamh a's lúth do bheith ann ar na cnámha leigthe atá fé: córach, scaoilte. Budh dheacair ógánach budh leigthe ná é d'fhagháil, léimfeadh sé claidhe ar nós an éin duit: ceólmhar, fuinneamhail. Leis an ocras a bhí air níor fhan sé i gceart leis an mbiadh bheith leigthe amach nuair sháthaidh chuige: curtha amach in iomláin. Bóthar nuadh leigthe amach: sínte amach: rianuighthe.

léightheóir: *f.3.* duine a léigheas le haghaidh eolais nó caitheamh aimsire; duine a bhíos ag foillsightheóiridhibh leabhar chun lámhscríbhinnidhe do léigheamh a's cómhairle 'n-a dtaobh do thabhairt; duine a bhíos ag léigheamh fromhtha a's ghá gceartughadh lé n-a gclódhbhualadh. Léightheóir maith seadh é .i. léigheann sé go soiléir, soiléasta. Is mór an léightheóir é .i. tá mórchuid léighte aige chun eolais. Ní haon léightheóir ar an aimsir me, ní fheadar a sheilbh an domhain cad tá ar an lá indiu: duine tuigseanach. Leightheóir fear seadh an bhean san, mheallfadh sí fir Éireann: tuigeann sí meón agus slighthe fear go cruinn.

léightheóireacht: *b.3.* an rud a léightear, an gníomh féin. Is maith an léightheóireacht atá déanta aige ar an scéal, is olc an té ná tuigfeadh é: a chainnt go léir tugtha amach go soiléir aige. Ní lá fós é mar ar dhein sé léightheóireacht dhom ar a dtáinig rómham: thug sé aithris chruinn dom ar mo shinsear. Ar a bhfuil de léightheóireacht déanta aige ní féidir

leis gan eolas do bheith air: gabhtha trí mórán leabhar, 'n-a chnuig ag séirseáil feasa a's eólais.

leightís: *b.2.* duine leachta, neamhchríochnamhail. Leightís tímcheall airgid dob é, ar ar ghaibh riamh trí n-a ladhrachaibh de, a's budh mhór é, níl pingin ruadh indiu aige: duine ná raibh baileach, aireach. Tá oiread bídh imthighthe n-a roithleach idir do lámhaibh ó mhaidean, a leightís, a's chothóchadh muc!: duine gan aon chríochnughadh ná bainistighe. Ná caith uait na rudaidhe leigthe sin, a leightís, gheóbhaidh duine éigin gnóth díobh: duine ná beartuigheann baileacht.

léim: *b.2.* preab, geit; éirghe glan den dtalamh (a's dul de dhruim constaice, mar claidhe etc.); an rud go n-éirightear tharais glan os a chionn; sáthadh amháin tairbh nó staile i gcumaisc; eiteall; corruighe obann aindeónach trí eagla, suathadh nó iongadh. Léim eilite i ndaibheagán do thugais an lá a cheannuighis an áit sin uaidh ar bhreith a bhéil féin gan fios agat cad bhí ann: sáthadh míchiallmhar. Ó tá an t-ím saor anois, níl aon duine ná go gcuirfidh aoirde léim girrfhiaidh de ar a shlisneóig aráin: é smearadh go tiugh, trom leis. Bhain bás a mhic an-léim as, ní tháinig sé chuige féin ó shoin: preab: suathadh mór aigne a's cuirp. Baineadh léim as nuair thángthas air sa bhfoghail gan choinne aige leis: preab, geit: corruigheadh a shuaimhneas aigne go grod. Ní bhaineann sé aon léim asam mo namhaid do bheith dhá chlaoidheachtaint: eagla, corruighe le truagh ná suathadh incheann. Nuair chuala an bhéic obann i gcuilithe na hoidhche baineadh léim asam: pé suaimhneas cuirp a's incheann a bhí agam corruigheadh go dásach é. Thug sé léim thar claidhe ón gcapall rithte: d'éirigh glan den dtalamh a's chuaidh thar claidhe gan teangmháil leis. Chaith sé an léim budh shia dár caitheadh annso lé cuimhne aonne atá suas: an t-achar do chlúduigh sé ó éirigh sé ó thalamh go dtáinig anuas airís air. Bhíos chómh lúthmhar tamall a's go rabhas ábalta ar an gclaidhe sin do ghlanadh de léim chuirp: éirghe dem bhonnaibh gan fáscadh rithidh. Léim fhada: éirghe de leathchois ar áit áirighthe a's teacht anuas ar an dá sháil tréis dulta tamall tríd an aer. Léim cosa bacóid truslóg a's léim .i. rith tamall, éirghe de chois, an chos eile cromtha siar, teacht anuas uirthe sin, éirghe di, dul chun cinn a's teacht anuas ar an dá sháil. Léim árd, .i. éirghe ó láthair do bhonn a's sceinneadh thar constaic éigin. Thug mo chos léim a's brathaim m'alt leóchaileach .i. bhain rud éigin corruighe aiste a ghoirtigh na féithleóga. Tá léim rúitín ag an gcapall: goirtigheadh é san alt os chionn na crúibe. Nuair chonnac an raidhlse ag déanamh anuas ar mo cheann thugas léim sheachanta: sceinneas go mear i leathtaoibh. Nuair chonnaic sé ba na gcomharsan sa bhfoghail air bhí gach aon léim as a chorp aige .i. ar deargbhuile. Nuair chualaidh na daoine sa bhaile go raibh a saighdiúiridhe tréis catha móir do bhuadhachtaint do bhí gach aon léim as a gcorp aca (lé háthas): bhíodar ar mire le lúthgháir. Chuireas é sa tslighe a's go raibh gach léim as a chorp aige .i. ar mire: ná féadfadh sé fanamhaint socair ná ciúin. "Connus tá an sean-bhuachaill sa bhaile?" – "gach aon léim as a chorp aige": lán de cheól: cruaidh, anamamhail. Is fada gan lúth gan léim an duine bocht: aindeis: éidtreórach. Bíodh an uile dhuine agaibh ar léim lúith ag cur díbh, tá an namhaid chughaibh: ag cur díbh chómh mear a's tá in bhur gcroidhe. Ní fuláir nó tá suathadh éigin incheann air mar bhíonn gach aon léim as a chodladh aige: codluigheann go han-mhío-shuaimhneasach. Rás gan aon léim é seo: níl claidhe, fál ná constaic eile lé héirghe tharais. Fuair an bhó trí léim ón dtarbh: ní fuláir nó tá sí dortha. Tá a thigh chómh geairrid dúinn go raghfá de léim chuige: athchomair dúinn. Ar léim lé

chéile .i. d'fhéachaint ceaca is aoirde éireóchadh den dtalamh nó is sia raghadh d'éirghe a's teilgean cuirp. Budh dhiail an léim do dul fiche míle ag ceannach asail!: dob obann fada an turus do é. Den gcéad léim eile chuaidh sé soir amach fén sráid: gluaiseacht obann gan choinne léi. Seachain tu féin ag gabháil treasna, mar tá léim rómhat: gleann nó scar talmhan. D'aon léim amháin bhí sé 'n-a shuidhe a's amuigh: go hobann, tapaidh. Is iomdha léim tugtha riamh aige gan faic dá bharra aige: iarrachtaidhe ar ionmhas do bhailiughadh. An lámhachfá éan sa léim?: ag eiteall. "Is mór an léim ó mhuic í", deirtear lé duine gur dóigh leis go mbíonn iarracht iongtach déanta aige a's ná bíonn. Ag caitheamh léim táilliúra: ag iompódh tóin tar cheann na cosa treasna a's greim leis na lámhaibh ar a mbarraidheachaibh. Ná tabhair aon léim mhí-cheart má fhéadair é, is deacair filleadh: sáthadh gan féachaint rómhat.

leimhe: *b.4.* domblas, aimideacht, leanbaidheacht, déistean, míobhuidheachas. Cad tá orm aca tréis mo shaoghail a's mo bheatha do chaitheamh leó ach leimhe: seanbhlas míchéadfadh ar gach rud dá ndéinim. Blaiseadh mo phuis den dté sin ní fhéadfainn d'ól ge n-a leimhe ó bheith ag tarrac rófhada: ceal an bhlasa nádúrdha. Leimhe dómh-sa mo bhéal d'oscailt chun aonnidh do rádh: blas ná dath ní bhfaightear ar aon rud a sceinneas as mo bhéal. Leimhe dhuit rud do dhéanamh d'fhurmhór na ndaoine in aisce, mar nách aon bhuidheachas duit é: amadántaidheacht cheart.

léimneach: *a.* soigheite, soiphreabtha. Ní fhéadfadh aonne suidhe it aice táir chómh léimneach san: corruightheach, míoshuaimhneasach. Is ró-léimneach an rud do dhuine droich-scéal do chlos nuair bhíonn coinne lé n-a mhalairt aige: suaidhte.

léimim: *b.a. 7 n-a.* geitim, preabaim, éirighim den dtalamh a's sceinim thar chonstaic, bíodhgaim, mothaluighim go hobann. Léimeas as mo chorp chun an alfraitse nuair chonnac go raibh fonn achrainn air .i. tháinig colg a's cuthach orm chuige. Léimeadar as a gcorp chugham nuair loirgeas a n-inghean ortha: d'éirigh a gcochall chugham a's d'fhoillsigheadar dom glanadh as a radharc. Ní mhaireann sé an té a gheóbhadh an chao do bhís d'fhagháil ná léimfeadh glan ón dtalamh chúiche .i. ná go mbeadh gliondar croidhe air glacadh léi. Do léim an t-éan ó thor go tor: d'eiteall sé. Léim an claidhe sin má tá sé de lúth (ceól) id chnámhaibh: éirigh den dtalamh agus sceinn tharais ar an dtaobh thall. Do léim mo chroidhe im bhéal lé han-bháthadh: corruigheadh a's scannruigheadh go mór me lé huamhan. Ná bíodh aon eagla agat roimis léim fé: éirigh chuige go misneamhail: ionsaidh go cródha é. A mhic óthair, do léim sé chugham as mhaoil an bháidh mar dhéanfadh tarbh buile: d'imthigh sé bán gléigeal chugham chun mo bhuailte nó íde na muc a's na madraidhe do thabhairt orm. Is fadó do léim a bhean uaidh: thréig sí go hobann é. Tóg mo chómhairle a's ná léim isteach 'n-a measc san: ná téighir ag déanamh teasardhan eatartha. Is tú an t-aon duine is eól dom do léim an gleann san: do chuaidh tharais ó thaobh taobh le neart lúthach na gcos: do ling. Féach sul a léimir: machtnuigh go maith sara ndeinir gníomh. Bhuail sé a lithéid sin de stiall ar an mbórd gur léim na hárustidhe dhe!: cuireadh as a n-ionad go hobann iad. Do léim an t-eiteallán ón bhFrainnc go dtín t-Oileán Tiar: tháinig tríd an spéir. Léim id sheasamh: éirigh ar do chosaibh go prap. Leimeann sé thall 'sabhfus, ní fheadraís cá mbeadh sé: níl sé cómhnaidhtheach .i. is deacair bheith deimhnightheach de. Ar léimis an claidhe fós?: an bhfuil buaidhte agat?: an rud a bhí uaith an bhfuil sé gnóthuighthe agat?

léimneach: (**léimreach**) *b.2.* eiteallach, síor-phreabadh nó corruighe obann, fuaidhreadh, rinnce. Tá siolla as áit éigin ar an gcoinnil sin tá an smól ag léimrigh: ag lasadh go hobann a's ag dul in éag nách mór airís. Mo chroidhe ag léimrigh im lár lé líon-rith: ag bualadh go mear, tiugh. Cuirfead-sa thusa ag léimrigh mara gceapair do shuaimhneas: ag eiteallaigh: bainfead corruighthe obanna, garbhghuaiseacha as do chorp. Léimrigh atá ar a croidhe, deir an dochtúir, a's ní mór di suaimhneas d'fhagháil: bualadh mear, neamh-ionann. Tá sé ag léimrigh ar nós an ghabhair: mear, beó. "Connus taoi?" – "ag léimrigh, a dhuine!" .i. beó, ceólmhar, lúthmhar. Bhí an fheóil ag léimrigh annsúd air lé feirg: chómh corruighthe go raibh sé ar dearg-chreathadh. Cad é an léimrigh atá ort ná fanfá socair: corruighe a's suathadh cuirp. Chaithinn seal ag amharc léimrigh na teine: na splanncacha "ag rinnce" uirthe. Dar ndóigh ní rinnce atá agat-sa dhá dhéanamh, a aindeiseóir, ach léimrigh: preabadh anáirde thall 'sabhfus.

léine: *b.4.* ball éadaigh cnis, déanta de chadás, lín-éadach nó phlainín; falaing; ball fairsing, scaoilteach, geal do chaitheann an chléir. Ghluaiseadar ag rámhaidheacht 'n-a léinteachaibh: gan ortha ó n-a gcrománaibh suas ach iad. Phósfainn í a's í do theacht chugham 'n-a léine: gan aon spréidh. Oiread dúlach sa digh aige go n-ólfadh sé a léine: chaithfeadh sé a mbeadh aige ar ólachán. Chómh geal le léine an tsagairt: an léine lé linn an aifrinn. Níl an léine féin anois ar an nduine mbocht .i. fíor-dhealbh. In a léine oidhche d'éaluigh sé ón dtóighteán: falaing chodlata. Chaillfinn mo léine leis níos túisce 'ná leigfinn mo chuid leis .i. ní bheadh pingin agam ná caithfinn i ndlighe leis.

léinseach: *b.2.* uachtar slinn talmhan; leirg den bhfarraige nách tabhartha fé ndeara corruighe gaoithe air. Tá léinseacha sa bhfarraige indiu, cómhartha ceart báistighe .i. "bóithre", leirgidhe fada ar nós aibhnteacha, sleamhain. Is breágh an lá chun bádóireachta é, tá an fharraige 'n-a léinsigh: an-chiúin ar fad. Léinseacha ar fad seadh an flios san: talmhaintidhe ísle portaigh.

léintín: *b.4.* leine bheag; ceann suarach. Léintín leinbh. Bheadh truagh agat don bhfear bocht 'n-a leidhcidhe lé hól 'sa léintín stracuighthe: ceann nár bhfiú puinn.

leipreachán: *f.1.* luthragán, abhach, fíothal, clúracán; rud suarach (toirt). An leipreachán lá ceóidh fé chupóig ag déanamh bróg: duine beag greannmhar ná baineann leis an saoghal, é ráidhte air dá mbeirtí air go mbronnfadh aon aisce ach leigeant leis. Banbhaidhe chómh beag leó ní fheaca im shúilibh cinn riamh is geall lé leipreachán gach ceann aca: fíothail dhearóile. Cá mbeadh an neart sa leipreachán san?: suarachán duine. Leipreacháin chlainn atá aca: clann mheathluighthe.

léir: *b.2.* brón, scrios, cáthughadh. Dhá léir ort, a's crosaim thu, ná fanann socair: míoádh ort. Lé déidheannaighe tá an léir ar fad air chun ólacháin (ar an aimsir, cogadh etc.): imthighthe chun anatais. Mo dhá léir (míle léir) ná rabhas ann is beag duine a chuirfeadh isteach ort: fairír géar! Léan a's áir a's léir ort, a bhacaigh bhuidhe na léige: máchail, tóir a's scrios ort. Léir ort nár fhan liom ('n-a mhagadh): cathughadh. Léir ar mar scéal, caithidh uaibh é: focal searbhasach ag cur míoshásaimh in iúil. Mo léir dhóighte d'éisteóchadh seisean dá mhaoidheamh dá mbeinn-se láithreach mar is tapaidh do

chuirfinn corc ann!: mo thruagh go dealbh. Duine sochma ná cuireann aon rud léir air: cathughadh.

léir: *a.* iomlán, slán, ar fad. An biadh go léir atá os a chómhair: cuid an-mhór ar fad. D'ith an cat an t-iasc go léir .i. a raibh ann. An t-ocras go léir do fuaireamair ar thóin báid ar lár farraige ar chúpla briosca sa ló: ocras uathbhásach. Na daoine go léir! cad as a leath?: na sluaighte. An fear so go bhfuil an chiall go léir aige gur dhóigh leis ná fuil neach mar é. Bíodh sé go léir agat, ní raghad-sa ag áiteamh ort: bíodh an scéal ar do thoil féin agat.

léir: *a.* so-amhairc, glé, glan, oscailte, gan smúit, solasmhar, follus. Budh léir d'aonne go dtabharfí breith chrochta air ar an bhfínéacht chruaidh do tugadh 'n-a choinnibh: budh bhun tuigseana é. Níor léir dom cá gcuirfinn lámh ná cos leis an ndoircheacht: níor bh'fhollus: ní fhéadfainn meabhrughadh. Ar éirghe lae budh léir dúinn talamh ó dheas uainn: lé feicsint. Is léir go bhfuil an fear so ar díth chuimhne nuair nách fios do a ainm ná cad as do: is follus: is furaiste aithint é. Nách léir atá na cnuic úd thall chídhfeá na caoire ortha: soiléasta: taidhbhsighid geairrid. Is annamh lá gur léir mullach an tsléibhe ge ceódh: lé feicsint. Labhrann sé go han-léir, mall, socair: glan: furaiste lé tuigsint. Nách léir an ghloine atá sa bhuidéal san: glan, glinn. Budh léir fuaim na bpléascán fiche míle ó bhaile: budh chómhchlos. Is léir an solas atá gen lampa san, léighfeá go bog tamall maith uaidh: geal: neartmhar. An léir duit a n-abraim leat?: an dtuigir go maith? Molaim thu, is léir an obair atá déanta agat: maith, slachtmhar. Ní raibh luath a's léir riamh 'n-a chéile .i. an rud a deintear go luathlámhach is deacair do bheith slachtmhar. Ná bí chómh léir orm: beacht: breithnightheach.

léir: *a.* beacht, cruinn, críochnamhail, aireach, géar. Táir i bhfad ró-léir dom, choidhche ní fhéadfainn ceann cuinge do choimeád leat: róchliste, róchonnstrabhálta. Bhí a roinnt féin chómh léir a's d'fhéadfadh bheith ná fuair neach locht ar an riar: chómh ceart, beacht. Bí léir ar gach rud do scríobhair, ná téighir amugha má fhéadair: aireach an rud ceart do chur síor. Tá aithris léir déanta agat ar gach rud atá sa leabhar: an cunntas curtha síos go cruinn agat.

léir-: *i gcfh.* lán, uile, soiléir, dícheallach. Mara mbeadh an léir-aire do fuair sé ní bheadh sé 'n-a bheathaidh indiu: aire thar barr. Tá léir-aighneas agat, ar mh'anam, a's 'sé is fearr atá agat: a bhfuil de chainnt agat a bhfuil de mhaitheas ionat. Léir-amhránaidhe breágh seadh é, guth bhinn, cheólmhar aige: amhránaidhe aoibhinn. Dhera mhuise, is é an léir-bhitheamhnach é, a árduigheas leis a bhfaigheann ar bóiléagar: bitheamhnach toghtha. Ní féidir é do chur 'n-a chéile anois, tá sé léir-bhriste: 'n-a mhionramh: 'n-a chiota fogha. Bíodh gach aon rud 'n-a léir-cheart agat a's ní furaiste locht d'fhagháil ort: déanta críochnuighthe go slachtmhar. An ceart a's an léir-cheart agat chuige do chuid mhín, mhacánta féin d'éileamh i ndlighe air: an ceart ar fad. Níl aon rud do thógas ar cáirde ann ná gur choimeádas léir-chunntas air d'fhonn a's ná beadh aon áiteamh 'n-a thaobh: cruinn, beacht. Budh léir-dheacair dóibh eólas do dhéanamh san áit ná rabhadar riamh roime sin: an-dheacair. Cuireann sé go léir-dhúthrachtach chun gach aon rud do bheith i gceart aige: bíonn sé ar a lán-dhícheall. Cá ngeóbhadh léir-éifeacht an duine? ní théigheann aonnidh dhe: tuigsint a's meabhraidheacht thar barr. Fuair sé léir-éisteacht

uatha mar b'eól dóibh go raibh sé ar mhaithe leó: thugadar cluas chruinn dá ráidhtibh. Áit mhór léir-fhairsing gan tigh ná treabh ann i siubhal lae: an-fhairsing ar fad. Bhuail sé an bóthar aníos ag léir-fheadghail do féin: go hárd a's go sásta. Is é an léir-fhulang d'aonne tréanas fiche lae bídh: fulang trom: diachrach. Tobar uisce léir-ghlan gan salachar, gan smúit: fíor-ghlan. Culaith nuadh ó bhonn bathas ar ár nduine, a's 'sé tá go léir-ghléasta: gabhtha go maith, slachtmhar. Is í an Fhrainnc a léir-ghonadh ar feadh trí seachtmhaine – loscadh, dóghadh, marbhadh .i. a scriosadh go gránda. Beidh léir-ghradam i dtigh an óil don té a bheidh ag glaodhach agus ag díol: meas agus gean. "Go deimhin duit do dhéanfainn do ghnóth do léir-chur i gcóir a's i gcrích": do shocróchainn an uile rud gan cháim duit. Nách é an léir-chreach é luach na gcéadta mílte púnt de bhiadh dhá chur ar thóin puill gach lá a's ocras ar na sluaightibh: milleadh uathbhásach. Siúd í an cléireach léir-ghasta a dheineas a gnóth go slachtmhar a's ná bíonn faic amugha uirthe: cruinn, éifeachtamhail, baileach. Do léir-inneósfainn-se dhuit cad tá ag teastáil uait, a shuathaidh, ach nár mhaith liom tu do ghonadh: tréis me ghá rádh leat ní bheadh aon amhras agat. Fág fé fhear na léir-inntine é do réidhteach: an té go bhfuil géaraidheacht incheann a's tuigseana aige. Ní theipfeadh ar aonne é siúd do thabhairt fé ndeara ar an léir-imtheacht atá fé: an clódh bóibéiseach blomasach a bhíos air. Aonne beó ach dall ar leithrigh chídhfeadh an tigh úd tógtha leis féin ar léir-imeall an bhaile: tamall i leathtaoibh ón gcuid eile des na tighthibh. Ar an léir-imirt atá dhá thabhairt ar chártaidhibh aige ní bhuaidhfeadh an saoghal air: imirt lé feabhas. Thuit cuid mhór uisce te sa lorgain air a léir-loisc é gan rian croicinn d'fhágaint air: a loisc go trom, dona é. Cathracha go léir-leagtha ge pléascáin ón spéir nách mór lón a's aimsir do chaitheamh lé n-a dtógáil: leagadh fairsing. Creid me leis go rabhas léir-laguighthe ó bheith ag gáiridhe fé: laguighthe amach 'samach. Ná bí ag áiteamh mar sin nár bh'fhéidir é d'fheicsint ná raibh léir-lóchtaint an lae ann: an lá geal ar fad. É ag imtheacht ar léir-luas ná tiocfadh gaoth Mhárta suas leis: siubhal nimhe fé. Tiocfaidh léir-mhilleadh na dtíortha as an gcogadh so ar a bhfuil dhá chaitheamh air má leantar de, beifear beó, bocht, dealbh aige: lom-scrios .i. ní fágfar faic ges na tíorthaibh. Sin rud atá déanta go léir-mhaith, ní bhfaigheadh aonne locht air ach cráidhteachán: go han-mhaith ar fad: go slachtmhar ó thóin ceann. Pioc de san níl gan léir-mheabhrughadh agam, ghaibheas tríd airís agus airís, a's ní bhfuaireas botún ná locht ann: scrúduighthe go cruinn, aireach. Níl aon choir dá thruime ná go léir-mhaithfidh Dia dhuit ach leór-ghnímh a's aithrighe iomlán do dhéanamh ionta: maithfear go glan iad. Ar a bhfuil d'airgead buaidhte gen gcleasaidhe sin uait ná tugair fé ndeara go bhfuil sé ghod léir-mhealladh: ghod mhealladh os chómhair do shúl. Duine an-eaglach ná raigheadh ar an muir indiu a's í chómh léir-mhín sin .i. an plána uirthe: ciúin, socair. Culaith uasal seadh í, tá sí chómh léir-mhín lé síoda: sleamhain, neamhgharbh. Ó! mo mhairg a's ní léir-mhustar go dtí é, a cheann san aer aige a's gur beag air aonne .i. ar an imtheacht atá fé níl a luighead meas aige ar aonne. Ná bíodh aon eagla ort ná go bhfuil an scraiste sin go léir-mheáidhte agam-sa, ní hindiu ná indé atá a gheámaidhe sin tugtha fé ndeara go cruinn agam-sa: tá breith tugtha agam air go cóir dréir mar chídhim a ghníomh. 'Sé mo léir-mheas ar an áit gur fiú cuid mhór é: mo bhreith dréir m'eólais a's mo thuigseana: a mhaith a's a locht scrúduighthe agam go ceartéiseach. Mara mbeadh a léir-náiridheacht liom dul chun cinn leat ní bheinn ag éisteacht léd chuid bladhgair .i. go dtaidhbhseóchadh sé ró-ait toisc nách fiú ceann do thógaint díot. Níl aon amhras air ná fuil aon léir-namhaid annso agat ach é, choidhche ghá mhaoidheamh go ndéanfaidh do dhíoghbháil: namhaid fhollus: an ceann is mó agus is measa. Mara mbeadh go gcuireann

an duine iasachta san léir-nath san áit seo ní thabharfadh cuaird chómh minic air: suim an-mhór. Corruighe béil ná coise ní fhéadfadh do chur de ge n-a mhnaoi, tá sé ar léir-nasc aice: cruaidh-ghreim aice air. Is í an bhean áluinn í, an léir-niamh atá 'n-a gnúis: soillse agus soilbhreacht. Mo mhairg, agus is é siúd a fuair an léir-oideachas agus a rian air, mar is fairsing é a chuid eólais: múineadh mór, iomlán. Dréir mar dheineann sé é agus a thapamhlacht a's a shlachtmhaire, tá sé léir-oilte ar a ghnóth: eolas cruinn iomlán aige ar gach rud a bhaineas leis. Gan an eochair do bheith léir-oireamhnach don nglas ní dhéanfaidh sí an bheart: oireamhnach ar an rud is lugha. An slogaire nách é a dhein an léir-ól air, níor fhág sé braon ar a thóin: ól críochnuighthe. Budh dhóigh leat gurb air a bhí duabhais a's duadh an domhain gach aon léir-osna aige: osnaidhe móra, troma. Cuir uait an magadh, mara mbeadh gur baineadh léir-ósbairt as ní bheadh sé ag gearán chómh trom: tionóisc ghoirtightheach. Cad n-a thaobh ná braithfeá an siolla, nách shin é do dhoras léir-oscailte: dearg-oscailte: lán-oscailte. Caith uait anois é mar scéal, tá do léir-phárdún fachta: maithe dhuit go hiomlán. Á, dheara, mhuise, is tusa an léir-pheata go gcaithfear gach aon rud do thabhairt duit: ceann amach 'samach. Raghainn i mbannaidhe dhuit air go bhfuil neart san léir-phlíoma (fir) sin: groidhe cumasach. Is eól don saoghal mór an léir-pháirc a bhí agat-sa sa lámhach so, chonnaic mórán thu: do chuid de budh mhór é. Lé neart a's fuinneamh na huanach farraige baineadh léir-phlannc amach as an bhfaill: cuid mhór, fhairsing. Iad so a chualaidh é a's a ghaibh tríd deirid go mbodharfadh léir-phléascadh na bpléascán duine: pléascadh uathbhásach. Is é a chuir de go léir-phraitineamhail nuair connacthas do go rabhthas rómhaith dho: go mear, lúthmhar, tapaidh. Tá sé 'n-a léir-phortán ge n-a chnámhaibh, ní mór gur féidir leis cos do chur tharais an gcois eile: crampálta, casta ar a chéile ar fad. Mara mbeadh léir-phráidhinn éigin do bheith ort ní bheadh an fuirse deabhaidh go léir fút: géibheann mór broideamhail. Baineadh léir-phreab as a raibh san áit nuair tháinig sé abhaile gan choinne leis tréis a bheith na bliadhanta buana amuigh: corruighe mór, obann. Á, mhuise, tá eagla i gcathrachaibh anois ar bhodachaibh go raibh léir-rachmus aca: ionmhas mór a's cead a aoibhneasa. Tá san ar an léir-rádh is breághtha dá gcuala riamh: ró-áluinn ar fad. Níl amhras agam ná gur léir-radharcach an duine a chídhfeadh dubhradán mar chaora an fhaid ar fad san ó bhaile: glan-fad-radharcach. Budh dhiail an Gaedhilgeóir a's an fear cuideachtan é, thugadh sé an oidhche ag léir-randaireacht cois teallaigh: ag aithris scéal a's rann go haoibhinn. Ní chuirfir-se uait an léir-ranngcás go ngoirteóchair thu féin: an iomad ar fad léimreach. Léir-rath ná raibh ar an mbitheamhnach: righe ná ádh d'aon tsaghas. Faid a bhíos as baile do thángthas a's léir-réabadh a raibh im thigh, tugadh síos suas gach nidh a's árduigheadh chun siubhail aon rud go raibh maith ann: stracadh as a máithreachaibh iad, laiteadh a's brughadh. Ceileabhrann sé a's goideann cártaidhe, an léir-rógaire: ceann aca gan aon chuimse leis. Ní fheadar, is ait liom é, aon rud d'éirghe dhe a's an bóthar chómh léir-réidh roimis amach: lán-réidh, lán-shocair. Mara mbeadh léir-riachtanas a bheith aige leis ní ghoidfeadh sé é: gábhadh ceart, cruaidh do bheith leis. Gach aon bhuille dár thug sé uaidh d'fhág sé léir-rian 'n-a dhiaidh: cómhartha nár dheacair d'fheicsint. Ar an méid atá ráidhte agat air anois tá sé léir-riartha go maith agat: cóiriughadh ó thalamh tugtha agat air. An aimsir seo rithte? tá agus léir-rithte mhuis: gan aon amhras ná gur drochaimsir ar fad í. Ar mh'anam go bhfuil léir-rósta agaibh má tá sé ag aonne a's má néann flúirse feóla an bheart: spólaidhe móra (feóla) le bruith. A léir-ropaire, gan mheas ort féin, fág mo radharc, ghoidfeá an solas as shúil dhuine: gadaidhe fealltach, críochnuighthe. Nuair chonnac doimhneas a's leathad an ghleanna thugas léir-

rothag fé, b'é toil Dé gur léimeas é: rith lúthmhar fuinneamhail. Feirmeóir eadrainn go bhfuil madra diail aige a léir-ruaigfeadh a bhfuil de chaoiribh in oileán na hÉireann .i. a chuirfeadh scaipeadh na mion-éan ortha soir siar. Tháinig an fharraige 'n-a léir-ruathar aníos ar an gcaladh, gur sciob na báid léi: go fiadhain, láidir. Dheinis léir-scrios orm, thógais uaim an cárta dob fhearr im láimh: níor fhágais lighe na léithe agam. Mara mbeadh mo ghluaisteán do bheith léir-scurtha do thiománfainn thu a's fáilte: na máillidhe go léir scartha ó chéile. Sínte siar do féin go léir-shámh gan gnóth ná cúram ag cur mairge air: go socair, suaimhneasach gan chor as. Do léir-shamhail-se d'fhear seadh é ar gach cuma in aoirde, i ndath: is tú é 'n-a aithbhreith. Budh mar a chéile dhuit do bheith ag tabhairt léir-shamhlaoididhe don amadán san nó bheith ag cuimilt do mhéire 'e chloich: bheith ag foillsiughadh dho chómh soiléir a's d'fhéadfá. Má dhein duine riamh léir-shaothar is tú é, ar a bhfuil déanta agat 'n-a ghiorracht aimsire: obair mhór, iongtach. Nuair bhíos thar lear budh mhinic me ag léir-smaoineamh ar an mbaile a's ar na daoinibh go mbíodh aithne agam ortha: ag déanamh mo mharbhna (mairne) ortha: ag cuimhneamh go doimhin ortha. É i gceann mhórán daoine go bhfuil Sasana léir-sháruighthe anois mara bhfaigheann sí airgead agus armáil ó Mhearaice: sáruighthe amach 'samach: gan aon dul suas eile do bheith aice. Mar a rabhas bhíos ar mo léir-shástacht gan fonn fágtha ná eile orm dá leigtí dhom: chómh sásta a's b'fhéidir do bheith. Nuair chonnac go raibh sé ag dul i gconntabhairt do leigeas léir-scairt air budh dhóigh liom do chloisfeadh na mairbh: liach mhór, láidir. Léir-scalladh ort maran b'é mo chroidhe atá clipighthe agat ná féadfainn tu do réidhteach: mío-ádh óm chroidhe amach ort. Mo thruagh go dealbh é, is é a fuair an léir-scannradh, a bhean 'sa chlann marbh roimis nuair tháing sé abhaile: uamhan ceart. Cé chuirfidh 'n-a chéile an t-uaireadóir seo a's í léir-scaoilte ge breallán éigin: gach máille dhi bainte as a chéile. Innis dom, cé tá ag léir-scaoileadh bréag ar fuaid an bhaill seo orm-sa, iad i mbéal gach aonne: ag scaipeadh go fóirleathanadamhail. Ná bí d'iarraidh aon tláithíntis do dhéanamh liom-sa anois táim léir-scartha leat .i. gan aon bhaint do bheith agam leat feasta. Na héanlaithe ag léir-sceinneadh ó thor go tor: ag léimrigh go héascaidh. Go saortar sin an léir-sceanadh atá déanta ar an bhfeoil bhreágh sin (gort, áit etc.): laitiméireacht gan aon deallramh: gan slacht ná cuma ar pé rud atá déanta. Dá gcloisfeá é rinne sé léir-sceanach ort .i. níor fhág sé thíos ná thuas ort é: cháin sé a's bhearr sé thu. Maran b'é a cúl thiar atá go léir-sciotuighthe aice go mbeadh sí cor leis na daoinibh: bearrtha go gearr. Caithfir stad anois nuair tá do chuid airgid léir-scoithte agat: caithte go dtín bpingin dheireannaigh. Nuair bhí an long ag léir-scoltadh ar an bhfochais: í ag scaramhaint ó chéile. Aon chiall níor fhan aige lé déidheanaighe, tá sé imthighthe lé léir-scraistidheacht ar fad: fuar, cnámhdíomhaoin ag brath ar dhaoinibh eile. Thug an gála léir-scuabadh dhúinn, níor fhág tigh ar an mbaile gan díth do dhéanamh do: d'fhuaduigh sí cuid mhór. Siúd é a bhíos ghá léir-sheachaint féin ar obair, ná bíodh eagla ort go gcuirfidh tinneas droma air féin léi: atá go cosantach, aireach. Budh mhithid duit bheith réidh lé beagán mar é sin, tá léir-sheal caithte agat air: tamall níos sia mar budh ghábhadh. Tá léir-shíothcháin déanta anois aca a's beidh deireadh hearrad aca .i. go toilteanach, geallamhnach. Má thagair in ao'chor tair lé léir-shoillse an lae óir tá an tslighe an-achrannach: lé gealas an lae. Is é mo thuairm go bhfuil an obair 'n-a léir-stad a's ná déanfar a thuilleadh dhi: deireadh curtha léi ar fad. Ní dhúiseóchadh cogadh na bpiléar anois é, tá sé 'n-a léir-shuan: codladh trom, doimhin air. B'ait liom an amhlaidh go raibh amhras aige cér bh'é me féin ar an léir-shúil do thug sé orm: amharc cruinn, géar. Muna mbeadh an léir-thacaidheacht do fuair sé ó n-a dhaoinibh lé hairgead a's ar

chumaidhibh eile ní bheadh a thuairisc san áit: cabhair mhór, mhaith. Deineadh léir-thaidhbhreamh dom airéir ar an mbaile: thaidhbhsigh an uile nidh chómh soiléir, dearbhtha. Is beag duine go bhfuil an oiread de léir-thaighde déanta aige ar an nGaedhealaing, a shaoghal caithte aige ag gabháil trí sheanleabharthaibh a's scríbhinnibh: cuardach a's scrúdughadh doimhin, fairsing. Féachaidh ar an nduine uasal, dar leis, nách é tá go léir-thairngthe!: gléasta, priocuighthe, lán de mheas air féin: cuma líomhtha, ghalánta tugtha aige air féin. Ní cuirtear aon nath i mbochtanacht annso, tá léir-thaithighe againn uirthe: ní raibh eólas riamh ar a malairt againn. Níl rud ar domhan ar mo chumas ná go ndéanfainn lé léir-thaithneamh duit .i. cion thar na beartaibh. An Ghlas-Ghaimhneach (ghamhnach), bó na farraige a léir-tháladh ar gach neach dá gcrudhadh í: a thugadh a cuid bainne go fairsing, flúirseach. Léir-thubaist ar aonne a scaras lé n-a chuid lé namhaid ná caraid mar is beag é a bhuidheachas: mío-ádh trom os a chionn de dheascaibh a chuid amadántaidheachta. Ní bhfuaireas riamh ach an léir-tharcuisne, doicheall roim mo chuideachta a's an focal budh mheasa 'n-a mbéal: táir a's droichmheas gan chuimse. Scoil go dtugtar léir-theagasc innte ar a bhfágann de scoláiridhibh í: múineadh fíor-mhaith. Tá na daoine bodhar ó bheith ag gearán ar olcas an bhóthair sin, léir-thagairt atá déanta dhe: labhartha go rómhinic air. Is oth liom a rádh go bhfuil an Ghaedhealaing go léir-thearc san áit, fíor-bheagán do labhrann í: gannchúiseach go mór. Cad tá ort go bhfuilir id léir-thocht mar sin, uaireannta eile ní thabharfadh atúrnae aighneas duit? .i. it éisteacht ar fad. Tá an t-ógánach san 'n-a léir-thoirt anois, ní fhásfaidh sé a thuilleadh .i. chómh mór a's bheidh choidhche. Gheóbhair léir-thrácht ón seanduine ar sheanthreabhachaisidhibh na háite, an uile chineadh a shealbhuigh é: cunntas iomlán, beacht, cruinn. Ná bí ag léir-thrácht do ghníomhartha liom-sa mar ná creidim focal uait: cur síos mion, fairsing. Caitheadh léir-threasna na sráide ar bhior a chinn é: lom díreach. Tá san déanta go léir-thréan agat, a bhuachaill: go hiongtach ar fad: gan cháim. Dá mhéid meas atá aige air féin, a's dá fheabhas d'fhear é, sé mo léir-thuairm go gclaoidhfear é: mo thuairm gan chor, gan chlaon. Seo ceist ná fuil léir-thuigsint agam uirthe, dein fuascailt orm: tuigsint bheacht, chruinn. Budh cheart duit do thuarasdal d'fhagháil mar tá léir-thuilleamh déanta agat air: is é do láncheart a's do chóir é as an méid oibre atá déanta agat ar a shon. Aon tor ní bhfaigheadh aonne eile tá léir-ughdarás fachta aige chun a thoil féin do dhéanamh: cómhacht iomlán. Dhéanfadh seisean aonnidh dhuitse, tá sé go léir-umhal duit: féicheamhanta gan dochma.

léire: *b.4.* follusacht, soillseacht, glaine, órdughadh. Léire ar bith níl ag baint leis na leabharthaibh seo, iad caithte tóir thar ceann thall 'sabhfus: órd: riar. Ní fhéadfadh neach gabháil isteach ná amach san áit, é chómh haimhréidh, achrannach san, cá bhfuil an léire?: réidhteach, riar, órdughadh. Duine dall ná tuigfeadh é ar a léire do labhair sé: a fhusacht: soi-léastacht. Cuir gach aon rud i léire dhom, cad tá orm a dhéanamh, a's gach aonnidh mar ná fuil an ceann orm: i slighe a's go dtuigfead go follus. Mo mhairg, is lé n-a gnóth súd atá an léire, is ann ná fuil an lúb ar lár: an tslighe chríochnamhail, shnasta chun déanta.

léire: *b.4.* duine cumasach, talamhaidhe. Budh bhreágh an léire mná í, géagach, árd, a's b'eól di é: bean scafánta, shláinteamhail. Phós sé léire: bean árd.

léireadh: *f.* (*-the*) do dhéanamh soiléir, do mhíniughadh. An é seo fear léirthe na himeartha?: an té a mhínigheas. Tá sé chómh maith d'fhear léirthe ar an gcogadh a's bhuailfeadh leat in aon áit: a chuirfeadh síos air, a's a thabharfadh tuairmidhe fé leith. Fuaireas leabhar léirthe ar mo chúram sar ar scaoileadh ag obair me: a mhínigh dom cad budh cheart dom do dhéanamh.

léireadh: *f.* (*-the*) bualadh, búrdáil, cnapáil. Má fuair aonne riamh a léireadh do fuair seisean é, bhí triúr nó ceathrar ag gabháil air: búrdáil, cnapáil. Ar an bhfuadar atá fút-sa, a bharránaigh, gheóbhair do léireadh ó dhuine éigin mar nách mó 'ná a fhonn a bhíos ort fanacht socair: búrdáil.

léirighim: *b.a.* leabhruighim, cuirim i dtreó. Léireóchad an gort so i gcóir na haithbhliadhna chun prátaidhe do chur ann: sínfead amach a's sochróchad ar gach slighe i gcóir curadóireachta.

léirighim: *b.a.* socruighim, mínighim, cóirighim. Léireóchadh-sa dhuit anois connus mar bhí gan chor gan chlaon: míneóchad duit céim ar céim. Sin focal crosta, is maith liom gur léirighis dom é: gur mhínighis. Léirigh sé an líon amach ar an dtalamh chun a dheisighthe: shín sé amach ar a fhaid a's ar a leathad é. Ní fheadar cad a bhí uaidh, níor léirigh sé aonnidh dhom .i. níor thug sé aon éachtaint dom gur bh'fhéidir liom tátall do bhaint as. Léirigheadh dom ná raibh aon ghnóth 'n-a measc agam, bhí an iomad droich-imtheachta fútha: d'fhoillsigh a ngníomhartha é.

léirighthe: *a.r.* socruighthe, cóirighthe, follus, claoidhte. Is léirighthe atá an chladhaireacht ort: follus ar do ghné. "Sin é atá léirighthe air", deirtear lé duine go mbíonn rud éigin neamhdheas curtha 'n-a leith. Sin é do dhóthain, ná habair a thuilleadh, tá gach aonnidh léirighthe agat dom: foillsighthe go soiléir. Coirce atá uaim lé tabhairt dos na hainmhidhthibh léirighthe seo: seirgthe, lom, caithte. Gach aon léirighthe i gcóir na Nodlag anois againn: socair. Ní fhéadfainn tosnughadh fós mar ná fuil na nidhthe léirighthe agam: na rudaidhe a theastuigheas gan iad in órd cheart. Budh chóir leigeant dom ar feadh tamaill go dtairngeóchainn m'anál, táim léirighthe ag a bhfuil ar mo thóir: traochta, tugtha. Ní bheidh a thuilleadh clampair eatartha feasda, tá gach gearán léirighthe eatartha .i. mínighthe, réidhtighthe.

léirightheacht: *b.3.* léargas, follusacht, cóiriughadh, socrughadh, réidhteacht. Na ceachta atá sa leabhar, tá léirightheacht an-mhaith ortha: iad curtha dréir a chéile. Ná fuil aon léirightheacht déanta ar an áit seo fós? taidhbhsigheann sé chómh hachrannach a's bhí sé riamh: réidhteach. Ní feicteear dom go bhfuil pioc léirightheachta déanta ar an gcúrsa, go bhfuil sé chómh dorcha a's bhí riamh: léargas. Sin é an léirightheacht is fearr air, a chuid féin bheith ges gach aonne: an socrughadh is réidhtighe.

léiriughadh: *f.* (*-ighthe*) cóiriughadh, socrughadh, míniughadh; tiargabháil, ullamhughadh. Gach aonne 'sa léiriughadh féin aige air mar scéal nár bh'fhios duit cé budh cheart duit do chreideamhaint: cóiriughadh: aithris. Ag léiriughadh ionad na láthrach chun tighe do thógaint ann: ag scartadh: ghá ghlanadh a's ghá chur i gcóir. Más dóigh leat-sa gur léiriughadh ar an bhfocal san é sin, ní thuigeann aonne é ach thu féin:

míniughadh, réidhteach. Bímís ag léiriughadh chun iascaireachta, tá sé in am: tiargabháil: ullamhughadh. Bhíos ag léiriughadh dho as ag léiriughadh dho ná raibh sé ar chumas a thoil do chóimhlíonadh: ghá chur i gcéill do chómh maith agus b'fhéidir liom. Cad é an léiriughadh atá déanta agaibh i gcóir an rinnce?: an socrughadh.

leis: *a.* lom, nochtuighthe, gan fascain. Clúduigh thú féin, an bhfuil aon náire ort do chroiceann do bheith leis mar sin: lé feicsint. Ná fuilir go léir leis sa seanghiobalaibh sin: nochtuighthe. Foluigh orm do bhrollach leis: atá gan chlúdach éadaigh.

leisce: *b.4.* manaois, righneas, neamhfhonn, dochma, stagarnaghal, groga, díolamhantacht. "Is milis é an t-ól ach lé leisce bheith ag díol as": an dochma croidhe scaramhaint leis an airgead rómhaith don ndúil. "Is trom an t-ualach an leisce": an té go mbíonn dochma roimis an obair taidhbhsigheann sí abhfad 'sabhfad níos deacra. "Ualach mic (an ghiolla) leisc" .i. d'iarraidh é go léir d'iomchar in aonfheacht lé neamhfhonn a's dochma dhá iarracht do dhéanamh de. "Cuireann an leisce ar an nduine mbocht, bíodh truagh agat do", deirtear lé searbhas. "Ní bhíonn iasc ag liaghairnidhibh leisce": dream gur dochma leó corruighe. Dá aosta do bhí sí is mór an leisce a bhí uirthe roimis an bás: dochma: míofhonn uirthe aghaidh do thabhairt air. Fé leisce do dhein sé é .i. i gcoinnibh a thola. An leisce ceangailte chómh doimhin sin 'n-a chnámhaibh ná déanfadh sé faic: dochma roim obair. "Go gceangluighidh an leisce isteach ionat", le duine a bhíos an-dhíomhaoin. "Ná bíodh leisce ort é sin d'itheadh", deirtear má feictear míofhonn ar dhuine. Siúd é an áit go mbainfí an leisce as na cnámhaibh agat: go gcuirfí iachall ort obair do dhéanamh. Níor bhuail an leisce riamh iad .i. bhíodar i gcómhnaidhe féicheamhanta rud do dhéanamh dá dheacracht é. "Lé hiomad leisce tuitfidh an foirgneamh agus trí dhíomhaointeas na lámh silfidh an tigh tríd": manaois. "Ní leigfeadh leisce dho a mhún do dhéanamh!!!" Gan acht féachaint ar an obair cuireann sí leisce orm: míofhonn na gile gréine aonnidh do dhéanamh.

leisceacht: (**leisceamhlacht**) *b.3.* míofhonn, righneas, leadaidheacht. Ná bíodh aon leisceacht ort do ghnóth do dhéanamh: neamhfhonn chun an ruda is ceart do dhéanamh. Tá an leisceacht 'n-a chodladh ann .i. ní féidir obair do bhaint as.

leisceóir: *f.3.* duine neamhfhonnmhar ar obair nó aon rud go leanfadh duadh é do dhéanamh, duine righin chun gluaiste. An leisceóir capaill seo ná cuirfeadh míle 'e bhóthar de gan an lasc do thabhairt do: mall, neamhéascaidh. Arbhar an leisceóra ar sraith a's a dhrom lé falla: an duine díomhaoin. Ní bhfaightear 'n-a leisceóir chun an bhídh é .i. an t-aon rud go mbíonn fonn air chuige.

leithbhe: *b.4.* claonadh, báidh, léighe. Nách dian an máighistir é, gan leithbhe aige lé haonne, allus aige dhá bhaint as gach aonne: leagadh, báidheamhlacht. "Ní bheadh aon leithbhe aige lé n-a mháthair", le duine a bheadh ródhian, róbheacht.

leithbhéal: (**leath-bhéal**) *f.1.* taobh amháin den mbéal, máchail ar chúinne dhe. Budh mhór an truagh an leithbhéal san uirthe, budh bhreágh an bhean í mara mbeadh san: cúinne máchaileach. Faid atá rud agam is gnaoi leis gach aonne me, imthigheadh sé go

hait uaim a's beidh a dteanga 'n-a leithbhéal aca fúm .i. ag magadh fúm os íseal. A phíp 'n-a leithbhéal aige: idir an lár agus cúinne.

leite: *b.4.* pairseach déanta de mhin nó de mhin choirce ar n-a beirbhiughadh in uisce nó i mbainne; meascachán righin, aon rud cruaidh ar n-a bhrughadh go mbíonn bog. Thuit carraig mhór, slán mar n-innstear é, a dhein leite dá cheann: a mhion-bhrúigh í. Léan id phlaosc (ceann) leitean! maran deacair aon rud do chur ann .i. ceann ná glacfadh lé heolas ná tuigsint. Tá maide na leitean ag seanduine an tighe fós, níor thug sé suas a chuid .i. rith a's riar. Nuair bhíonn maide na leitean ag duine bíonn tóirtéis dá bharr air .i. úghdarás. Mara mbeadh aige siúd ach an leite ní chloisfeá ag gearán é .i. droichbhiadh i gcáilidheacht bídh dhaoine eile. Luathuigh amach annsan! ní har an leite a tógadh tu! .i. ar bhiadh ná beadh rómhaith. Tháinig an lá anuas 'n-a leite .i. báisteach throm gur fhág sí pluda a's guta 'n-a diaidh. Clann na beirte dreathár an leite a's an sríobhán .i. min choirce a's bainne .i. ní mór atá eatartha. Gheóbhfá a lán uaidh siúd, cuid na dtáilliúiridhe den leitin .i. an fuighleach.

leithe: *b.4.* leathadh, fairsinge, téagarthacht. Tá leithe dhá chur ar an mbóthar chun breis slighe do thabhairt do chórachaibh gabháil thar 'n-a chéile. Tá leithe an domhain uile ag an bhFrainnc ar Roinn na hEóraipe: fairsinge mhór thalmhan. Ag tuiteam san aos do tá sé ag dul i leithe: i dtéagar 'si dtoirt.

léithe: *b.4.* (**léitheacht**) aiste bheith liath, gileacht (folt etc.); seanaois, meathadh, feóchadh, snas. Tháinig an léithe ar an adhmad mar ná raibh aer ná grian aige: thosnuigh sé ar dhreódhachtaint. B'shin é mar bhí sé, go suairc macánta fial ó leanbh go léithe: ó óige go seanaois. Seómra go raibh fuarghaothach ann a's tháinig an léithe ar mo chuid éadaigh ann: snas liath. Léithe ort!: go dtéighir chun deiridh. Cé go bhfuil an seantáille aige bíonn sé ag obair 'sag gnóth chómh maith agus bhí riamh, níl aon léithe ag teacht fós ann: dul chun deiridh. Ní phósfadh sé í lé n-a léithe .i. a fholt bheith ag iompódh bán.

leiteachán: *f.1.* maide na leitean do mheascadh. "Tá sé idir leite a's leiteachán aige!": é ar fad.

leithead: *f.1.* tómhas ó thaobh taobh, fairsinge, slighe, oiread talmhan a's thógfadh aon rud suas, stráice talmhan, éadaigh etc., oiread aprúin nó búird d'éadach gharbh. Síneadh ar m'fhaid a's ar mo leithead me! .i. ó cheann go cosaibh. Níl t'fhaid a's do leithead de thigh aige .i. tigh an-chumhang. Tá an iomad leithid innte chun í do rámhachtaint: an iomad slighe ar a treasna. Ní mór den ngalántacht do bhíodh ag baint leis na mnáibh bochta, gan leithead paca siar ortha: aprún d'éadach gharbh. Soitheach ná fuil ró-árd é ach tá leithead maith aige: slighe mhaith ar a threasna ann. Cuirtear leithead eile sa tseól, tá sé róbheag: stráice (ar a fhaid ar fad) góire. Cuireadh an oiread san scannradh an oidhche dhiamhair úd air ar an bhfarraige gur dhearbhuigh sé chómh luath agus fuair sé leithead a dhá bhonn den dtalamh tirim go raibh deireadh amach uirthe aige: an méid gur sheasaimh sé air. Sin fear go bhfuil leithead bó de chroidhe aige .i. croidhe mór, fial. Ní raibh leithead do bhaise de chíste ar an mbórd os chómhair an líon tighe go léir: blúire beag. Leath leithead ar an mbórd fés na prátaidhibh: éadach cláir garbh.

leitheadach: *a.* fairsing, mór, flúirseach, blomasach, bóibéiseach. Tá curtha fútha go leitheadach annsan aca, ní rabhadar mar sin tamall, is iad a bhí ar bheagán: go fairsing, ionmhasach. Is leitheadaighe go mór Seán ná Tomás .i. is mó de ionmhas an tsaoghail aige. Budh leitheadaighe móin annso, ní nách iongadh, bliadhanta ó shoin ná anois: budh fhlúirsighe. Nách leitheadach mar bhuaileann sé ameasc na ndaoine, a cheann san aer aige a's gan a shuim in aonne: mustarach. Dá gcloisfeá é sin ag trácht go leitheadach ar a ghníomharthaibh budh dhóigh leat gurbh é Oscar é: go maoidhteach, mórdhálach. Ní nár dóibh a bheith leitheadach tá rud aca .i. tá a chúis aca a bheith mórchúiseach.

leitheadamhail: *a.* flúirseach, iomadamhail. Ainm leitheadamhail san áit seo í sin, tá sí i ngach baile: iomadamhail. Daoine leitheadamhail fé thalamh: cuid mhór de aca. Fear neamh-mion a bhíos leitheadamhail fé 'n-a láimh, ní fhágfadh sé leathcheann ar aonne: fial, fairsing. Sa gheimhreadh bíonn na druideanna leitheadamhail annso: scaipighthe i ngach ball go hiomadamhail.

leitheadadh: *f.* (*-dta*) do chur i leithid isteach. An táilliúir ag leitheadadh na casóige .i. ag cur stráice innte chun breis fhairsinge do thabhairt di. Ag leitheadadh an tseóil: ag cur blúire anairte ann.

leithéid: (**lithéid**) *b.2.* a chómh, rud mar é; dá shaghas, cháilidheacht, chéim; rud ionann lé, cosamhail lé, amhail, samhail. An maireann mo leithéid d'amadán a's a leithéid do dhéanamh?: amadán mar me, chómh mór liom. A leithéid seo, an fíor go bhfuil oidhreacht tuitthe ort?: éist lé n-a bhfuil lé rádh agam. A leithéid seo de chuideachtain dob eadh sinn: bhíodar ann cosamhail mar táimíd-ne annso. Beir do chuid teallaireacht in áit éigin eile, ní haon ghiolla mo leithéid mise agat: duine ná héireóchadh leat teangmháil leis, mar budh dhóigh leat. "A leithéid de lá!", deirtear nuair chuireann sé suathadh ar dhaoinibh. A leithéid de lá le teas .i. lá te ar fad. Sin bróga ná hoireamhnóchadh mise ná mo leithéid .i. táid ródhaor nó róghalánta. "Tabhair dom buidéal brannda" - "níl a leithéid ann" .i. níl agam. "An bhfuil aithne agat ar Sheán Ó Leidhin?" – "níl a leithéid ann" .i. fear dá ainm níl annso. Ó cruthnuigheadh an domhan ní feacthas a leithéid eile: duine mar é. "Dubhairt sé gur bhitheamhnaigh ar bhain liom" – "a leithéid!" .i. nár bh'uathbhásach an rud san do rádh. Duine bocht, ní har a leithéid is gnáthach gradam do bheith: duine mar é ní bhíonn gradam air. "Goidfead é sin" – "ná dein a leithéid!" .i. na machtnuigh ar san do dhéanamh. "A leithéid ní raibh annso riamh a's ní bheidh go deó airís", deirtear i dtaobh duine, ruda etc. a bhíos go hiongtach nó go holc. Chídhim a leithéid ag tárlachtaint gach lá: rud coitcheann é. A leithéid d'áthas agus bhí orm í do bhualadh liom: chuir sé áthas mo chroidhe orm.

leithéis: *b.2.* seódh, cleith-mhagadh, suarachas, cainnt bhreágh, bhog, phlámásach. Lé leithéis adubhart an focal, ní raibh aon choinne agam go dtabharfadh sé masla d'aonne: lé seódh, magadh. Sin é an fear go bhfuil an teanga leithéise aige, mo ghrádh a's mo luain thu aige, ag tnúth lé rud éigin do bheith dhá bharr aige: molta, plámásach. Éirighidh as anois ná bíodh a thuilleadh argóna agaibh, níl ann ach leithéis ar fad, nách fiú cainnt do chaitheamh air: suarachas: rud beag is fiú. Ní haon nidh liom seódh do dhéanamh fúm ach leithéis ar fad do dhéanamh fúm, me im phaor ges gach aonne: staic magaidh ar fad: im sheódh bóthair.

leithéiseach: *a.* magamhail, suarach, plámásach, mín-léabach. Ní thógann aonne aon cheann dá chuid ráiméise sin, an barránach leithéiseach: magamhail, seóidh. Ná bí chómh leithéiseach san a's bheith ag moladh a bhfuil annso a's a mbaineann leó: plámásach. Nuair bhíonn braon fén bhfiacail aca bíd árd-leithéiseach 'n-a gcainnt a's 'n-a ngníomh: bíonn rudaidhe greanmhara dhá rádh a's dhá dhéanamh aca. Níl aon bhaoghal ná go bhfuil scéal leithéiseach agat, ach ná creideann aonne annso thu: a thaidhbhsigheann taithneamhach, inchreidte.

leithéisidhe: *f.4.* duine greanmhar, seóidh, áidhbhéiseach. Ar a chéill bíonn sé chómh stuidéartha a's bhuailfeadh leat, ach nuair bhíonn braon sa tsúil aige bíonn sé n-a leithéisidhe a's shilfeá an bhrigh fé: fear ceart seóidh. Níl seisean 'n-a leithéisidhe chómh mór a's budh dhóigh leat é, is deacra salann do chur ar laogh dho san 'ná mar is dóigh leat: duine a thógfá dréir a dheallraimh.

leith-imeall: *f.1.* an taobh amuigh ar fad; sceo, faobhar, scéimh. Cuir ar leith-imeall an leabhar san ón gcuid eile, b'fhéidir go mbeadh sé ag teastáil. Focal ní déarfad eadraibh, táim-se ar leith-imeall: nílim ag baint leis an gcúrsa so in ao'chor. Lámh ná ladhar ná bíodh agat ann, fan ar leith-imeall: amach as. Tá an áit ar fad aige, a bhun 'sa bharr, a lár 'sa leith-imeall: uile go léir. Bhíos ag iascach liom síos ar leith-imeall na habhann: ar a faobhar. Ní leigfeadh eagla dho dul thar leith-imeall an uisce .i. níor mhaith leis é féin d'fhliuchadh. Riamh, riamh fágadh Máire ar leith-imeall: níor cuireadh aon tsuim innte chun a cur i gcrích. Suidh isteach chun na teine táir ar leith-imeall annsan: laistiar den ndream atá 'n-a haice.

leith-imeallach: *a.* lasmuigh, ar an dtaobh amuigh. Cuirtear mise ag imirt leith-imeallach: ar an dtaobh amuigh des na himireóiridhibh. Iomaire leith-imeallach: lasmuigh den gcuid eile ar fad. Níl aon tsúil agam-sa glaodhach orm chun aon nidh cóir, mar táim riamh leith-imeallach: fágtha im ghabhgaide.

leithleach: *a.* leis féin, fá seach, i leathtaoibh. Ná cuir aon tsuim sa bhfear san gan é bheith cainnteach, coidreamhamhail, duine leithligh é: duine ná taithigheann cuideachta. Duine an-leithleach seadh é, ní thuigim in ao'chor a shlighte: ait, do-thuigse. Cuireadh ar leithligh ós na fearaibh móra me toisc me bheith chómh beag: in ionad liom féin: tamall ón gcuid eile. Féach na leithligh: an dream a fhanas i leathtaoibh leó féin trí choimhtheas.

leithleachas: *f.1.* machtnamh ar dhuine féin agus ar a chúrsaidhibh gan smaoineamh, coimhtheas. Níor mhaith leat bheith ar aon bhórd ithte leis, bíonn a lámh i ngach rud sóghail lé leithleachas aige: ag cuimhneamh do shíor ar a mhaitheas féin. Cad é an leithleachas atá ag baint leat ná tiocfá ameasc na cuideachtan a's gan bheith it sheasamh i leathtaoibh mar sin: coimhtheas: neamhfhonn coidrimh. Duine leithleachais seadh é, ní bheadh rud ar siubhal ná go dteastóchadh an chuid budh mhó a's dob fhearr de uaidh: sainnteamhail do féin.

leith-leas: (**leithleas**) *f.1.* leathtrom, leathchuma, báidheamhlacht. Ná bíodh aon eagla ort, a gharsúin, go ndéanfaidh an fear so aon leith-leas ort, gheóbhair comhthrom a's ceart

uaidh: leathchuma: éagcóir sa déanamh a gheóbhair. Bíonn mórán leithleis ar siubhal ar scoil, bíonn an máighistir níos báidheamhla lé cuid againn 'ná leis an gcuid eile: báidheamhlacht seachas a chéile. Bí comhthrom liom, tá an iomad leithlis ag baint leat: is mó agat do bhail féin go neamhchóir gan géilleadh dom cheart-sa.

leithleasach: *a.* róchúramach do dhuine féin in éagcóir don duine thall. Tá sé leithleasach ar an gcuma so go ndéanfadh sé maith dhuit lé súil dhá mhaith uait 'n-a choinnibh: sainnteamhail dá thairbhe féin. An mianach leithleasach i ngach aon duine aca an bhreis do bheith aca féin: ceanamhail ar a maitheas féin.

leithlis: *b.2.* scaramhaint, deighilt. Níl aon rud oireamhnach do lánamhain mar iad san ná réidhtigheann ach dul ar leithlis ó chéile: deighilt. Is mór mar chuaidh sé ar leithlis – nó connus é? – ón gcuid eile dá mhuinntir, nách cosamhail é leo ar aon chuma: d'athruigh sé leó: chuaidh ó dhúthchas uatha. Gan duine ná daon i ngaor dom annso ar leithlis liom féin: ar aonardhacht.

leithliseach: *a.* coimhtheach, iargcúlta, "do féin", dorcha. Budh dheacair léigheamh air, duine leithliseach dob eadh riamh é ná raibh fios a chúraim puinn ag aonne: coimhtheach: ná coidrigheadh a's gur dheacair a choidreamh. Raghadh sé ar rás, ar rinnce, ar chéilidhe, ag ól i gcúláis nó in aon áit eile mar sin leis féin, fear an-leithliseach é: iargcúlta: an-dheacair dul in eólas air.

leithreachas: *f.1.* éagcóir i ndeighleáil nó sa ndéanamh do tugtar do dhuine, báidheamhlacht, fabhar, deighilt. Mara mbeadh gur deineadh leithreachas orm ní cuirfí ar an gcuid budh lugha me a's mo chion den seilg tuillte agam chómh maith lé fear?: gur tugadh déanamh éagcórach dom. Ní bhfuair sé an scoil cé go n-admhuigheann gach aonne gur bh'é budh oireamhnaighe dhi, nár leithreachas é sin?: deineadh fabhar 'n-a aghaidh. Ná dein aon leithreachas ortha so, is cómhmhaith iad, fág i dteannta a chéile iad: scaramhaint. Bó leithreachais ar shlighe éigin seadh í, ní fheicfeá choidhche ameasc na coda eile í: bó léi féinig go bhfuil tréith ait innte. Bíonn aon rud "leithreachais" a bhíos neamhchoitcheann nó ar leathtaoibh leis é.

leithreachasach: *a.* coimhtheach, iargcúlta, neamhchoidreamhail. Ná raghfá sall ameasc na gcuideachtan a's gan bheith chómh leithreachasach san: i leathtaoibh it aonar. Sa tseómra ithte, áit ná raibh aithne agam ar neach b'fhearr liom suidhe go leithreachasach: go hiargcúlta. Daoine leithreachasacha iad san a gheóbhadh thart san mbealach gan beannughadh dhuit nách mór: daoine coimhtheacha. Bím chómh leithreachasach leó a's bíd liom: neamhcoidreamhamhail.

leithreadh: *b.2.* claon, taobh amháin. Bhinn chómh crosta san ar scoil go gcuirtí im shuidhe ar leithridh ón gcuid eile me ar son síothchána: im aonar. Prioctar na huibhe reamhra ar dtúis a's cuirtear ar leithridh iad .i. leo féin. Éirigh as an nduine sin, fear ar leithridh é sin ná fuil bualadh ag aonne leis: fear ann féin. Bheadh mo mhuinghin agam as aon rud do dhéanamh, ní bhfuaireas aon leithreadh riamh ag baint leis: claon: aon rud ná raibh díreach ionraic.

leithscéal: (**leathscéal**) *f.1.* admháilt an mhíchirt a's aithreachas do chur in iúil, dúmas, cómharthaidhe sóirt, párdún. Leithscéal do thabhairt i rud: a admháilt go rabhais sa mhícheart a's maitheamhnachas do lorg. Ar leithscéal ná raibh sé ar fóghnamh ní raghadh sé ag obair: tagairt chun é féin do shaoradh ó mhilleán. Níl sa brógaibh seo ach gur fearr iad ná bheith cosnochtuighthe, níl ionta ach leithscéal: cómharthaidhe sóirt in ionad bróg maith. "Gaibh (glac) mo leithscéal i dtaobh satailt ort" – "tá sé gabhtha": iarraim ort gan milleán do bheith agat orm. Tiocfaidh súd, ach ní leis an airgead é, ach lé leithscéal éigin: tagairt éigin ag éileamh maithimh do gan é do bheith aige. Nuair bhí a fhios aige go raibh beartha air leithscéil ar fad dob eadh é: céad míniughadh aige 'n-a chosaint féin d'iarraidh teacht as. Cuir uaim na cama-leithscéil anois, is maith a bhí a fhios agat, a rógaire, cad bhí dhá dhéanamh agat: na hiarrachtaidhe bacacha ar na cosa do bhreith leat. Níor thairng sé leithscéal d'aonne riamh: níor iarr riamh maitheamh as a chionntaibh. Éirighim asat, bheadh leithscéal go maidean agat: gheóbhfá cúig éigin a shaorfadh ó mhilleán thu: táir rómhaith in áiteamh dom. Níl aon rud i bpráta gan annlann ach go ndéanfadh sé leithscéal: go ndéanfadh an gnóth de chion na huaire sin. Duine é siúd ná hiarrfadh aon leithscéal chun thu do bhualadh: a bhuailfeadh thu gan chúis gan adhbhar. "Mo leanbh mo leithscéal" mar dubhairt an bhean gur adhbhar mhaith di fanacht 'n-a bhun dá mbeadh an tigh trí theine fiú amháin .i. leithscéal an-lag, an-bhacach. Dein féin do ghnóth a's ná bí ag lorg leithscéil ar aonne .i. ná bí in aithreachas mara mbíonn déanta.

leithscéalach: (**leathscéalach**) *a.* tugtha do leithscéalaibh; cásmhar i gcionntaibh etc., seachantach. Ná bí ag brath air ar chúrsa chómh géibhinneach, duine ró-leithscéalach seadh é .i. dá gcliseadh ort bheadh cúigeanna go leór aige chun é féin do shaoradh ó mhilleán. Ní fiú biorán a bhfuil déanta as an slighe agat, ní gábhadh dhuit bheith chómh leithscéalach: ag tairsgint t'aithreachais. Freagrair as an gceanntsláine mo cheist ná bí leithscéalach: seachantach ar tú féin do chur i dtreis. Is é sin an té is leithscéalaighe beó, ní mór ná go ndéarfadh sé nách cuimhin leis a ainm: tugtha do mhíniughadh gan an mícheart d'admháilt.

leóchaileach: *a.* fann, soibhriste, dofhulaing, leice, éiglidhe. Ball an-leóchaileach seadh an tsúil, is rófhuraiste í do ghortughadh: íogair: furaiste a díth do dhéanamh: gan fulang ar theangmháil aice. Bád ró-leóchaileach seadh nadhbhóg i bhfarraige thruim: rólag chun nirt na farraige d'fhulang. Nách leóchaileach ataoi ná fuilngeofá an salachar san do bhaint ót shúil gan bheith ag scréachaigh ar nós an leinbh: mothálach ar aon tsaghas teangmhála a ghoirgeóchadh ar a luighead. Éanlaithe an-leóchaileacha lé tógáil seadh turcaidhthe óga, ní mór dóibh aire na fola d'fhaghail: leice: gan puinn fulang ar a luighead cruadhtain. Tá m'ucht an-thinn an-leóchaileach ó buaileadh me .i. ní fuilngeóchadh sé puinn teangmhála gan é do ghortughadh go mór. Bail ó Dhia ort, is ort ná fuil an chuma neamh-leóchaileach: an chuma gur bh'fhuraiste díth ná dochar cuirp do dhéanamh duit go bog. Beir go haicillidhe ar an ngloine sin, tá cnag cheana innte, tá sí leóchaileach: neamhfhuilngtheach.

leóchaileacht: *b.3.* anbhfainne, éiglidheacht, neamhfhulang, leiceacht, soibhristeacht, mothálacht. Ní hé an tinnidheacht ar fad atá im bhallaibh is measa liom ach an leóchaileacht: an gortughadh a mhothóchainn ar theangmháil leó. Ní gheóbhadh sé amach fén nduibheacha so lé leóchaileacht tréis a chatha breóidhtighe: péasóideacht: mothálacht

ar ghoilleamhaint. Seo, caith uait an leóchaileacht ach scaoil siar é sin, is mó de mhaith ná de dhíoghbháil do dhéanfaidh sé dhuit: an t-imshníomh cuirp go ndéanfadh dochar: neamhláidreacht aigne. Tá an leóchaileacht ag gabháil lastuas de, níl fulang ar theas ná ar fhuacht aige: leiceacht: chómh mothálach san go ngoillfeadh a luighead míochompóird air.

leóimhte: *a.r.* leigthe, iontugtha, bheith de mhisneach ag. Níor leóimhte dhuit do dhrom d'iompódh leis ach mar bheadh rud éigin sciobtha aige: níor thugtha .i. ní cinnte dhéanfá san ná etc. Focal ní leóimhte dhom do rádh sa tigh seo ach mar tachtar me .i. má bhíonn sé de mhisneach agam san do dhéanamh bítear i mullach an chinn orm. Biadhanna áirighthe ní leóimhte dho d'itheadh ach mar bheadh sé breóidhte aca: ar phinéas a bheith breóidhte a íosfadh sé iad. Ní leóimhte dhom an tigh d'fhágaint mar ná beadh aonne 'n-a bhun mara mbeadh san raghainn libh ar an thap: ní tugtha dhom: ní bheadh sé saor ó nidh éigin d'imtheacht air im éaghmais.

leóinte: (*mar uimhir iol. deóinte*) toil, aonta, adhbhar. Dá leóintibh féin do thárlaidh sé dho mar dá dtugadh sé aire cheart ní bheadh mágáine air: dá thoil féin: dá dheascaibh féin. Ní dem leóintibh-se a dhein sé é: ní lém thoil na lé haon rud a rinneas ná dubhart. De leóintibh an chaptaein do báthadh an long mar dá mbeadh sé aireach bheadh malairt scéil ann: mar gheall air: b'é budh bhun a's budh chionntach leis. Tá de bharra go maith agam mé goirtighthe, brúighte ded leóintibh-se mar is ag tógaint do phairte thárlaidh sé dhom: mar gheall ort-sa é.

leóithne: *f.4.* gaoth bhog, mhín, shocair, puth. "Má thagann aon leóithne anuas leis", deirtear lé rud ná bíonn aduighthe nó 'n-a sheasamh go daingean. Níl aon leóithne ann .i. tá sé meirbh, brothallach. Oscail an fhuinneóg a's scaoil isteach an leóithne: an t-aer. Níl fulang ar aon leóithne aige .i. tá sé leóchaileach.

leo-leo-lín: *f.* Leo-leo-lín annsan, a leinbh: tuit dod chodladh. Mo mhuirnín 'n-a leo-leo-lín: 'n-a shuan.

leómhaim: *b.a.* leigim do, deónuighim, bíonn de mhisneach agam. Níor leómhaidh sé riamh dá chlainn inghean dul chun rinncidhe: níor thug sé cead dóibh. Níor leómhaidh Dia dho oiread a's déirc do thabhairt do neach riamh: níor bhronn Dia an méid sin de chroidhe air. Bhuailfeadh sé ach níor leómhadh do é: níor leigeadh do. Ní leómhfadh mo shláinte an oidhche do thabhairt suas: ní bheadh mo shláinte fé dho.

leómhan: *f.1.* ainmhidhe mór, láidir teadhbhuidhe de chineál an chait; laoch. Tá croidhe leómhain aige ar ar ghaibh sé tríd: teann, folláin. Croidhe leómhain aige: fial, flaitheamhail gan dochma. Sháthadar chun a chéile ar nós na leómhan: d'ionnsaigheadar a chéile go fiadhain, fíochmhar. "Agus ingheiltfidh an mart agus an beithir; luighfidh a n-óga síos i bhfochair a chéile, agus íosfaidh an leómhan an tuighe amhail an damh" (Isiah XI. 7). Is iomdha leómhan cuthaigh a throid ar son na hÉireann: laoch iongtach.

leómhanta: *a. n-dh.* cródha, calma, ar nós an leómhain. Fiú amháin a's iad cluichte i gcúil gleanna a's gan aon chao ar éalódh aca throideadar go leómhanta go dtín fear donn,

déidheannach níos túisce ’ná thabharfaidís: go cródha: gan eagla ar bith: dána amhail leómhan.

leómhthach: *a.* dána, doscuightheach. Budh leómhthach an obair d’fhear aonair scata d’ionnsaidhe: dána.

león: *f.1.* máchail, drochaigne. B’é an lá leóin dom an lá tháinighis treasna orm, mar ná fuil faic ó shoin agam ach buadhairt: lá bróin. Níor chodlas ar an gcluais in ao’chor ná go raibh sé istigh aige dhom mar is fada ag bailiughadh an leóin dom é, an t-alfraits: an díomas a’s an drochaigne ag méadughadh ’n-a chroidhe dhom. Mara mbeadh an león do bheith in áit éigin laistigh aige i ngan fhios dos na dochtúiridhibh lé fada ní thréigfeadh sé chómh luath: an fochall: an mháchail cléibhe. León ná léan ná raibh ort: díoghbháil cuirp ná mío-ádh.

leónadh: *f.* (*-nta*) gortughadh mór ar fhéithleógaibh gan aon alt do chur as ionad; iomard, dochar. Bascadh a’s leónadh ort!: gortughadh ort a leanfas thu. Buidheach ’o Dhia níl aon leónadh ar mo shláinte: aon rud uirthe gur dhochar dhi é. Is mór an leónadh dos na hIodálaigh, deich míle fichead bráighe do thógaint ortha más fíor: dochar. Tá leónadh tímcheall m’ailt: na féithleóga tinn goirtighthe de dheascaibh casta obann. Is minic dhá leónadh, an fear céadna, a’s bíonn airís chómh maith a’s bhí riamh: dhá chur dá threóir. Leónadh ná raibh ar do ghéig .i. go raibh an fuinneamh céadna innte i gcómhnaidhe.

leónaim: *b.a.* goirtighim, bascaim, goinim. Leónadh sa chogadh é nuair ghaibh piléar trí n-a ghualainn: goirtigheadh é gur tolladh a chorp. Coiscéim mhaith bhacaighe atá ann ó león sé alt leis ag dul thar claidhe: gur baineadh casadh obann as a ghoirtigh na féithleóga. León sé a chroidhe ag rámhaidheacht a’s ní raibh sa mhaith chéadna ó shoin: bhain sé stathadh as lé n-a chur thar n-a riocht. Baineadh stathadh obann as mo ghéig a’s leónadh sa ghualainn me: goirtigheadh na matáin a’s na féithleóga. Do león sí a chroidhe an lá a dhiúltuigh sí do: do bhris sí aige é.

leónta: *a.r.* goirtighthe, bascuighthe, gonta, máchailighthe. Ní déarfainn go bhfuil iomard lé n-a shaoghal air, ach tá sé leónta go maith: baineadh an-leagadh as, a shuathaidh go maith é: na féithleóga a’s na cnámha goirtighthe. “Léan dóighte ort! maran b’é mo chroidhe atá leónta agat”, deirtear nuair bítear ciapuighthe ag rud nó duine. “Seachtantar (an) cos leónta”, deirtear mar fhógra nách aon dóighthín teangmháil leis. Na céadta leónta gach lá i gcath: gonta: créachta. Mo lámh leónta sa righe, baineadh casadh as: na feithleóga ’n-a thímcheall curtha thar i riocht. Tá an tír leónta tréis bháis an fhir mhaith: díoghbháil déanta di.

leóntacht: *b.3.* bascuightheacht, goirtightheacht, gonacht, máchaileacht. Lé leóntacht a chnámh níl cur na coise thar an gcois eile ann: an tinneas a’s an diachair atá ionta. An leóntacht a fuair a alt san uair níor fhéad sé léim do chaitheamh ó shoin: an stathadh nó an casadh a chuir thar a riocht é.

leónughadh: (**deónughadh**) *f.* (*-uighthe*) lamháilt, ceadaidheacht, toil a bhronnta. B’é leónughadh Dé go ránguigheas ar an láthair nuair thuit sé ’on pholl, choidhche gan me ní

fhéadfadh sé teacht amach: toil Dé: bronnadh Dé ar an méid sin maitheasa. Dá mb'é leónughadh Dé go mbeadh airgead airís agam-sa thabharfainn aire dho: dá mbronnadh Dia mar thabharthas orm é.

leónuighim: *b.a.* toilteanuighim lé rud do bhronnadh, do thabhairt nó do lamháilt. Níor leóin (dheóin) Dia air a iarraidh orainn a raibh béal orainn a's sinn silte leis an ocras: níor bhronn sé an méid sin de thabharthas air. Ní leónóchadh san duit féachaint air: ní thoiltneóchadh sé leis.

leónuightheach: *a.* ádhmharach, trócaireach, fabhrach, tairbheach. Budh leónuightheach (lé Dia) gur osclas in am mar bhíodar díreach ar tí an tighe do chur trí theine: b'ádhmharach: bhí Dia buidheach díom. Is leónuightheach duit tú do bheith neamhspleádhach ortha súd mar is siad ná beadh bog leat: ádhmharach: tairbheach.

leór: *a. n-dh.* sáith, dóthain, iomadamhail, raidhseamhail, flúirseach, líonmhar. Is leór ó mhóir a dícheall .i. nuair deineann duine (go mormhór ná beadh rómhaith) a dhícheall is deacair milleán do bheith air. Is leór san, ná cuir a thuilleadh chugham; tá mo dhóthain agam: oiread a's tá ag teastáil uaim. Budh leór dom duine do ghoid ruda go mbeadh ocras nó easbhaidh ceart air, ach é do dhéanamh lé barr teasbhaigh ní thógfainn aon cheann de: ní bheadh leath oiread milleán agam air. Níor leór leis teacht gan chead gan suidhe a's déanamh na coda eile d'éileamh. Dá mbeadh an iomad cainnte, teallaireachta, etc. ar siubhal deirtear, "is leór san": gluaistear leis. "An bhfuil do dhóthain agat?" – "déanfad (gheóbhad) leór leis": bead sásta leis. Go leór daoine ná déanfadh é a's go leór a dhéanfadh: mórchuid. Tá súil agam go bhfaghad cao ar leór-ghnímh do dhéanamh im pheacaidhibh sara bhfaghad bás: sásamh, cúiteamh. Is furaiste me do shásamh, gheóbhainn leór lé beagán: mara mbeadh mo dhóthain féin ann dhéanfainn dóthain de. Gabhaim leór lé n-a bhfuil ráidhte: glacaim leis mar thuairm. Cad é an mío-ádh a bhí air a's a lithéid de rud suarach do dhéanamh a's a leór-dhóthain des gach aon rud aige féin: na gannaidhe a bheadh uaidh siar síos aige. "Connus tá an tsláinte?" – "is leór di mar tá sí" .i. tá sí go han-mhaith agus ar thárlaidh dhi nó an droch-chao atá dhá fhagháil aice. "Is leór do dhaoinibh bochta mar tá siad" .i. nílid go holc in ao'chor ar gach nidh do thógaint lé chéile. Mara bhfaghainn an fheóil gheobhainn leór leis an anbhruithe dá me thu .i. ós rud é ná beadh nidh ag duine féin bheith sásta leis an nidh do gheóbhadh.

leór-: *i gcfh.* iomlán, dóthain, etc. Fuairis leór-chao ar é do dhéanamh dá mbeadh aon phraitineamhlacht ionat: oiread cao a's budh ghábhadh. Bhí a leór-thoil lé n-a dhéanamh: a thoil ar fad. Ní hé ná go bhfuil sé leór-láidir ar é do dhéanamh dá mbudh mhaith leis é: oiread nirt ann a's bheadh ag teastáil. Bíodh leór-mhuinghin agat as: muinghin iomlán. Dá mbeadh leór-shuim in imirt agat thabharfá breis aire dod chártaidhe: suim cheart.

lí: (**lighe**) *b.* (*g.* líogh) dath, gné. Scannruigheadh chómh mór san é gur iompuigh an lí ann: mhalartuigh a dhath: bhánuigh a ghné. Níor fhág na báillidhe lí na léithe aige: a dhath: faic sa tsaoghal. Cad tá ort? tá lí an bháis ort: dath na húire. Táim gan lí léithe tréis na hoidhche ag imirt chártaidhe: bocht, dealbh: chómh dealbh lém bhais.

lia: *a.* breis in uimhir nó i dtoirt. Ní lia ruibe gruaige ar mo cheann ná é comhairlighthe agam .i. cómhairle in aghaidh gach ruibe. Ní lia gráine gainimhe ar thráigh ná grásta Dia: níl teóra ar bith leó. Ní lia ruibe féir (éan ar craoibh, braon sa mhuir) 'ná lúb n-a bholg .i. árd-lúbaire seadh é .i. ní fhéadfá tú féin do chosaint air. Ní lia tír ná nós .i. a nósa féin ag gach tír.

lia-bhró: *b.5.* cloch fhaobhair chruinn do castar lé crampa lé linn an fhaobhair do chur ar úirlis. Cuir an mheilt tuagha san ar an lia-bhróin.

liach: *f.1.* brón, cnead, gnús, ísle bhrighe. Liach ort, téanam linn, beidh an-lá againn: brón ort (lé seódh). Liach áir air (lé deighmhéin) nách ait an rud a dhein sé gan suim mhór airgid mar sin do ghlacadh: mío-ádh air. Is liach liom a chlos gur thárlaidh cinneamhaint do: is brón liom: goilleann sé orm. Tá liach éigin ort indiu, níl anam ná anál ionat: ísle bhrigh: duairceas. An liach do leig sí nuair tugadh a fear marbh 'n-a láthair, gheóbhadh sí trí chlár daraighe: scread bróin. Liach air mar scéal, éirighidh, tá bhur ndóthain áitimh déanta agaibh 'n-a thaobh: droichchrích air! Liach orm-sa a leig leat: ní fiú faic me mar fhear. Liach uirthe mar aimsir, nách í atá go dona: an mío-ádh go raibh uirthe. Liach ort, féach! nách é an radharc .i. ní beir in aithreachas féachaint.

liacht: *b.3.* cuid mhór. An fonn go léir atá air dul ann a's a liacht uair a bhí sé ann cheana: a mhinicighe, a's cad fáth an dúil anois? Phós sí an smithire sin a's a liacht a bhí ag tnúth léi: an líon mór gur mhian leó a pósadh a's toghann sí an rud dearóil seo, nách ait é?

liacharnach: *b.2.* cneadghail, osnaghail. "Liacharnach an domhain atá ar dhaoinibh indiu pé rud atá ortha", deirtear i dtaobh duine mhíoshásta. Liacharnach ar an leanbh gur tógadh a bhréagán uaidh: cneadghail ghuil. Ní chuirfidh sé aon liacharnach orm-sa tinneas do bheith ort: ní bhead ag osnaghail lé truagh dhuit.

liag: (**líog**) *b.2.* cloch mhór, cloch mhór shlinn, leac mhór. An glór a dheineann líogacha na sráide fén gcosaibh i mí mhairbh na hoidhche: na leaca móra a bhíos ins na páibhlidhibh. Líogacha iad súd is furaiste d'ullamhughadh chun saoirseachta: clocha móra ná bíonn reamhar. Buaileadh lé líg é, nách mór nár mhairbh é: cloch leathan, shlinn. Is deacair an uaigh d'fhagháil, mar ná fuil aon liag ge n-a ceann ná a cosaibh: sprioc uaighe.

liaghairne: *f.4.* leadaidhe, scraiste díomhaoin, neamhnáireach. "Ní gnáthach iasc ag liaghairne": is annamh rud ag duine ná hoibrigheann ar a shon. Éirigh! a's dein rud éigin, dá mbudh ag caitheamh chloch i gcoinnibh na gaoithe é, ní fearr dhuit bheith annsan id liaghairne: fuar, cnámhdíomhaoin gan fonn corruighthe. Tá liaghairne ar fad ag déanamh díot .i. tugtha do dhíomhaointeas. Níl 'iasc ná úsc' againn, obair ná gnóth, táimid 'n-ár liaghairnidhibh críochnuighthe anois: leadaidhthe.

liagh: *f.1.* duine oilte ar ghairm an leighis a's a chleachtas san; duine a théigheas amach ar aicídidhibh agus a fhreathálas iad lé cogasaidhibh. Níl luibh ná liagh in aghaidh an bháis .i. níl aon fhear leighis i ndán a chosc. Liagh gach boicht an bás .i. an t-aon rud a

thugas foirithint air. “An bhfuil íocshláinte ar bith i nGiléad? An bhfuil liagh ar bith ann? Máiseadh cad ná haiseactar sláinte inghine mo dhaoine-se?” (Jer. VIII. 22): leighisteóir, slánadóir. “Agus adubhairt sé leó déarfaidh sibh liom gan amhras an seanfhocal so, ‘a liaigh, leighis tú féin’” (Lúcás IV. 23): a chneasuightheóir etc.

liath: *a.* ar dhath idir dhubh a’s bhán, geal, bán-ghruaigeach, snasach, múscánach. Sioc liath: bán. Arán liath: go mbíonn snas tagtha air. Uisce liath: go mbeadh bainne tríd. “Táim liath ag an leanbh san ceangailte as m’earball ó mhaidean go hoidhche” ars an bhean: clipighthe, cráidhte. Ní chuirfeadh a thuilleadh ceisteanna ort táir liath agam: bodhar, cráidhte, ciapuighthe. Liath ó bheith ag obair a’s gan faic dá bharr aca: duadh an domhain fachta aca. Dá bhfeicfeá ar maidin me ag lorg mo chasóige a’s gan í lé fagháil má bhí duine liath riamh budh me é: clipighthe ar fad. Dhéanfadh an saoghal so aonne liath: chuirfeadh sé trí chéile chómh mór san é go dtiocfadh dath bán ar a fholt aige. D’aithnigheas go raibh rud éigin ag teacht air, tháinig cuma liath ar a ghnúis: mí-lítheach, báidhteach: d’imthigh an fhuil aiste. Ceann liath go raibh ort!: go mairir go mbír an-aosta.

liath: *f.1.* duine, ainmhidhe nó rud liath. Na liatha luatha: daoine go mbíonn a gceann liath roim cheart. “Bliadhain a dachad beidh aiteann gan síol gan bláth/ agus an bhliadhain n-a haice lé heasbaidh gheóbhaidh mílte bás/ tiocfaidh na liatha luatha a’s na cruacha cáithe/ beidh muileann ar gach sruth/ ’gus leanbh ges na gárlaigh”. Tiomáin an liath .i. an bhó liath.

liathacht: *b.3.* ar aiste bheith liath; dealbhas datha. Táir ag dul i liathacht: dath liath ag teacht ar t’fholt. An eagla atá ort go bhfuil an liathacht id ghnúis: dath glas tagtha uirthe. Tabhair fé ndeara liathacht na talmhan .i. gan a luighead glaise ag baint leis. Níor fhág an liathacht riamh a cheannaghtha: báidhteacht.

liathadh: *f.* (*-athta*) d’iontráil (d’iompódh) liath, geal, sean, snasach, bainne do thé. Táim ag liathadh fairír, tímcheall na n-uiseann: ruibidhe geala ag teacht im fholt. Liathadh géar é sin, brisfidh sé ar an dté. Fág me anois a’s ná bí ghom liathadh a thuilleadh: clipeadh. Is mór an liathadh do lithéid in aon tigh, ní shásóchadh aonnidh tu: an crádh.

liathaim: *b.a. ⁊ n-a.* ionntrálaim liath, tréigim dath, bánuighim, tugaim snas ar. Is fadó do liathuigh an saoghal orm nuair cuireadh díombáidh orm ar gach cor a’s iompódh .i. d’imthigh mo shuim as: níor thaidhbhsigh aon taithneamh dom ann. “Salann a’s iarann dhá earra ná liathann”: ná tagann snas ortha .i. ná cailleann a ndath. Is minic do liathuigh (liaidh) duine in aon oidhche lé scannradh .i. a tháinig dath bán ar a fholt. Liathaimís an croidhe aige ag teacht treasna air: crádhaimís: clipimís. Lé haonnidh a bheadh ag dul i gcoinnibh dhuine nó ná beadh ag fagháil aon tsásaimh ann deirtear, “liathfaidh sé an t-anam ionat” .i. ní bhfaghair aon tsuaimhneas uaidh. An té is mó liathuigh (liaidh) é féin riamh leis an saoghal cad bhí dá bharr aige?: a fuair a dhuadh: a bhuaidhir é féin leis. Nách luath do liaidh an t-éadach san, ní mór go n-aithneófá a dhath .i. do thréig dath. Sa gheimhreadh liaghann an talamh: imthigheann an dath nádúrdha dhe. Liaidh a cheannaghtha lé scannradh nuair chonnaic sé an chonntabhairt .i. tháinig dáth mílítheach air. Liaidh an t-arán toisc é bheith déanta rófhada: tháinig snas gorm-ghlas air. Liathuigh an té seo dhom: tabhair dath bán air lé bainne. Liathfadh sé thu bheith ag léigheamh ar an

gcogadh céadna: chuirfeadh mearbhall incheann ort. Níor liathaidh (liaidh) aonne riamh me ach thu: ní théigheann aonne dhíom chómh mór leat. Níl aon rud dá thréine nó dá fheabhas ná go liathfaidh leis an aimsir: go raghaidh chun deiridh.

liathas: *f.1.* ar dhath liath, bán (folt), feódhachtaint. An liathas a bhí sa spéir níor rómhaith an chuma a bhí air: dath na luaidhe. Níl liathas cinn ná croidhe air .i. níl folt a chinn ag iompódh geal ná níl aon bhuaidhreamh aigne air. Nách beag an liathas atá tagtha ar an mbloc giumhaise dhá fhaid fén sín do: an fheódhachtaint: tréigean.

liath-bhuidhe: *a. 7 b.4.* donn-chrónach, galar de dhruim míthreóra na réama glaise (domblas) go leanann dath buidhe cneasa a's súl é; uamhan. Téigheann breóidhteacht fharraige go holc do, tugann sí dath liath-bhuidhe air .i. imthigheann an fhuil as a cheannaghthaibh a's malartuigheann ar dhath báidhteach, glas, buidhe. Is gránda an dath atá air, dath na liath-buidhe: dath go malartuigheann an dath nádúrdha ar bhuidhe. Is dócha go bhfuil an liath-bhuidhe ar na daoinibh bochta san atá i gcathrachaibh atá dhá phléascadh ón aer: scannradh saoghalta. Nách lag-pháiseach ataoi priocadh beag snáthaide d'fhagháil, an liath-bhuidhe go gcuiridh sé ort: scannradh chómh mór san go n-iompóchaidh dath buidhe ar do chneas.

liathradh: *f.1.* iomlosc, casadh tímcheall. Dheinimís, a's sinn beag, liathróididhe de chlúmh beithidheach ar a liathradh idir ár ndeárnachaibh a's bheith dhá fhliuchadh lé seile: dhá iompódh a's dhá chasadh.

liathraim: *b. 7 n-a.* casaim tímcheall mar roth, iomloiscim. "Liathraim clúmh na bó, etc.": casaim a's cruadhaim idir mo dheárnachaibh.

liathróid: *b.2.* dlúthas cruinn cómhdhlúth nó follamh d'aon toirt nó d'aon bhunachar, cnapán cruinn, ceirtlín. Tá sé 'n-a aon liathróid amháin anois: cruinn, teann, daingean gan puinn aoirde dá thoirt. Ar an nimh atá san aer déanfaidh sé liathróid sheaca anocht: sioc dubh gan bheith róthrom. Tabhair cluas liom-sa, ná tabhair an gluaisteán (aon rud) ar chamán ná ar liathróid: ná tagadh aon rud treasna ort go dtabharfá faillighe 'n-a chúram a's n-a aire. I bpoll bradach éigin tá liathróid airgid aige siúd: múirle: suim airgid curtha chun críche. Dhein an cas-thaoide liathróid des na líontaibh: bhailigh in aon chuaillín amháin iad. Nuair bhuail an capall lé speach é dhein liathróid anuas ar an dtalamh de: casadh ar a chéile 'n-a chnapán chruinn é. Tá mo bholg 'n-a liathróid, brathaim an-thinn é: crapuighthe mar bheadh 'n-a chnapán chruaidh. Ag caitheamh liathróididhe sneachtaidh ar a chéile. Dá dtugadh duine freagra gonta ar dhuine eile nó go ndéarfadh rud éigin a chuirfeadh staic ann déarfí, "sin árd-liathróid ar fad" .i. carbhall gur fiú carbhall do thabhairt air.

liath-shúil: (**liathshúil**) *b.* (*–shúl*) amharc fiar, féachaint gan séimhe. Tabhair liath-shúil ar ár nduine go bhfeicir an fuadar atá fé, ná feiceadh sé thu: amharc na súl i leathtaoibh gan cor do chur as an gceann. Ní fhágfadh sé faic sa tsiopa gan fuadach mara mbeadh liath-shúil do choimeád air: é d'amharc i nganfhios do. Is iomdha liath-shúil 'n-a diaidh aige, dá mb'aon mhaitheas do é .i. bíonn d'iarraidh bheith ghá thabhairt fé ndeara i nganfhios don sluagh lé héileamh uirthe. Thug sé liath-shúil orm chómh luath a's

chuireas mo chos thar doras mar is fada roimis sin ó chonnaic ’n-a shiopa me: amharc mear, míshéimh mar bheadh iongadh air. Caith liath-shúil ar an alt san: amharc tapaidh, scrúduightheach.

liath-shúilighe: (**liathshúilighe**) *b.4.* féachaint ganfhiosaidheachta chun gach nidh do bhreithniughadh. B’é an chéad lá raimh i siopa mór aige é a’s chuir na hearraidhe go léir liath-shúilighe air: sa tslighe é a’s go mbíodh sé ag féachaint thall a’s abhfus a’s iongadh air, gan a cheann do chasadh. Leath-shúilighe an domhain uile do bhí ortha tímcheall na ndaoine: ghá dtabhairt fé ndeara i nganfhios.

liath-shúlach: (**liathshúlach**) *a.* ar shúilibh ganfhiosaidheachta, scrúduightheacha. “An t-asailín liath-shúlach a’s é dhá bhagairt lé slait”: súil casta siar ar an dtiománaidhe. Thógas cómhartha dhe sa chúinne go liath-shúlach: d’iarraidh gach aon rud do thabhairt fé ndeara ós íseal.

liathta: (**liaithte**) *a.r.* iompuighthe liath, a dhath caillte, feóidhte, tréigthe, clipighthe. Táir liathta go mór lé bliadhain: dath bán tagtha ar do chuid gruaige. An t-arán liathta lé n-a fhaid atá sé déanta: snas tagtha air. Na leabhartha liathta ó a fhaid atáid gan an smúit do bhaint díobh: an dath imthighthe dhíobh a’s iad ag feódhadh. Liathta ge n-a chlainn atá sé, duine éigin aca ag déanamh ruda éigin as an slighe in aghaidh an lae: ciapuighthe. Liathta gen saoghal, gach aon rud ag dul im choinnibh: buadhartha, cráidhte.

liath-tráisc: *b.2.* saghas smólaighe, níos sia ’ná an ghnáthsmólach a thagas lé fuacht.

liath-uisce: *f.4.* uisce a’s fíorbheagán bainne air. Ná dein liath-uisce dhe: ná báthaidh rómhór lé huisce é. “Ní iomcharóchadh sé an liath-uisce” .i. sin cómhartha duine do bheith an-lag. “Chuirfeá amach aon rud ach liath-uisce” (greann) .i. réidhteófá (chuirfeá amach) aon rud ach uisce a’s bainne, ní úirlicfeá!!! Fuair na caoire bás leis an leith-uisce .i. piast ghailíneach i ndéanamh duilleóige a ghreamuigheas in aedh caorach a’s a itheas í. Talamh lán de léith-uisce .i. den bplannda go ndeineann an phiast mharbhthach so dhe.

libín: (**lipín**) *f.4.* aon rud fliuch, neamhanamamhail mar ceirt. Tá na cearca ’n-a libínidhibh ó bheith fén mbáistigh: crot dearóil ón bhfliuchán ortha. Ghaibh an díle thríom go rabhas im libín mhaol, bháidhte: fliuch: fuar go croiceann.

licín: *b.4.* leac bheag, cloch bheag thanaidhe. “Dá mbeadh mo licín lighte agam” ars an leas-leanbh .i. an mhin a bhí curtha ar an lic lasmuigh i ndúmas go raibh císte ann. Cathain a tógadh tigh lé licínidhibh?

lictéir: *b.3.* bád leathan, íseal, slinntónach chun áthraighe móra d’fhollamhughadh leó. Tá do bhróga ’n-a lictéiridhibh agat: leighcididhe: iad imthighthe as crot. Tá an lictéir bróige sin rómhór duit: bróg mhíochúmtha.

lighe: *b.4.* cuimilt teangan, líoghrach. D’itheadh nó d’ól go cíocrach. Níor fágadh lighe léiche aige: faic .i. an oiread agus cheanglóchadh d’aonnidh ar thóin spionóige móire. An gadhar ag lighe cnámha: ag cuimilt a theangan de. An cat ag lighe a lapaidhe: ghá

nglanadh lé n-a theangain. Budh chosamhail lé madra ag lighe méise é ag itheadh: ag líoghrach: ag líobadh. Bheadh san ag lighe do lámh lé súil lé rud: an-mhilis; an-thláith. Is mór an lighe ges na buaibh ar an ngort é, tá sé chómh dealbh léd bhais aca: itheadh go cré. Is mór an dúil i ndigh í go mbíonn sé ag lighe na ngloinidhe: a theanga dhá chuimilt díobh.

lighearthas: *f.1.* blaiseadh (puis), dil, fíor-bheagán. Maitheas ná díth ní dhéanfadh a bhfuair sé dhe, ní raibh ann ach lighearthas: oiread agus thógfá ar bharr do theangan. Dá mbeadh súil againn leat ní fágfí i dtaobh leis an lighearthas thu: ar an bhfíor-bheagán.

lighim: *b.a.* cuimlim lém theangain, líobaim. Ní bladar ná plámas go dtí é lighfeadh sé barraidhe do lámh duit: chuimleóchadh a theanga dhíobh ag cur a cheana in iúil. Ligh ar fhágadar .i. ní fiú dhuit suidhe chuige 'n-a ndiaidh. Ní hé gur ith sé a raibh ann ach ligh sé é .i. rian ar bith níor fhág 'n-a dhiaidh. "An t-ionad ann ar ligheadar na madraidhe fuil Nabot, annsan lighfidh na madraidhe t'fhuil-se, eadhon, t'fhuil-se féin" (1. Righthe XXI. 19): tógfaid 'n-a mbéal lé n-a dteangain í. Tá an oiread san eagla agat roimis go lighfeá é mar ligheann an bhó a laogh: go nglanfá salachar de léd theangain. "Claonfaid 'n-a fhiadhnaise an drong a áithreabhas ins an díothramh agus lighfid a namhaide an luaithreadh" (Sailm LXXII. 9) .i. raghaidh a mbeóla chun talmhan agus blaisfid an tsmúit.

lighreac: (**líoghrac**) *f.1.* lighe; cuimilt teangan. An bhfuil dúil aige i bhfeóil? sin é an fear a thabharfadh an lighreac dhi .i. a íosfadh go cíocrach í. An leanbh ag lighreac ar an mílseán .i. ag sughrac 'sag cuimilt beól a's teangan de. "Is mór go léir an lighreac é": deirtear nuair chídhtear itheadh mór nó itheadh tapaidh.

lighreacaim: (**líoghracaim**) *b.a.* tógaim lém theangain. Chómh blasta a's líoghracann cat bainne .i. a ólann sé lé n-a theangain é.

lighreacas: (**líoghracas**) *f.1.* lighe, leabadh árus (go sásta). Do shíor ag tnúth lé lighreacas: ag súil go bhfaigheadh an fuighleach. Sid é an buachaill a bhaineas an lighreacas as phláta feóla: aoibhneas a's sástacht ithte.

lighreacasaidhe: (**líoghracasaidhe**) *f.4.* duine a bhaineas aoibhneas ceart as a chuid. Lighreacasaidhe gan náire .i. duine a íosfadh fiú amháin fuighleach duine eile go milis, sásta. Lighreacasaidhe cait: cat miangaiseach.

lighthe: *a.r.* cuimilte glan leis an dteangain; ithte go cré; líomhtha, seólta. Níl aon chúis ghearáin sláinte agat, tá do chuid lighthe (licthe) ó thalamh agat: ithte go tóin. Ná taidhbhrimh ar fhéaránaigh do chur ar an dtalamh úd, tá sé chómh lighthe lém bhais: lom: gan féar. Buachaill lighthe lúthmhar a léimfeadh falla dhuit: líomhtha, scaoilte. Tá sé chómh lighthe sin go mbuailfeá a dhá cheann ar a chéile gan é do bhriseadh: so-lúbtha.

limistéar: *f.1.* slighe, spás, slios, ceanntar, "dúthaigh". Ní feirm atá aige siúd ach limistéar: fairsinge mhór thalmhan. Cómhnuigheann sé ar limistéar na farraige: i gceanntar cois mara: slios. Shiubhlófá limistéar sara bhfaghfá aon áit chómh dona leis: dúthaigh nó ceanntar fairsing. Fear mór a's limistéar mór uaidh: slighe: scóp. Fan ar do

limistéar féin agus fanfad-sa: ná bí ag canntáil slighe. An limistéar go léir sin soir ó dheas: an slios, dúithche nó ceanntar.

líne: *b.4.* córda nó sreang chun rud do chrochadh air; cómhartha fada tanaidhe ar nós snáithín tairngthe ar pháipéar etc.; stroillín, stríoca fada; riasta ceannaghtha etc.; rian éadtrom, caol ar chneas an deárnan; cómhartha déanta ar an dtalamh chun ionaid, teóra etc. do theasbáint, sreath, raing, áirighthe focal 'n-a sreath ar aon rian, leithreacha nó figiúiridhe; cúrsa; mann tomhais; pór; sliocht; sreath ubh. Nách dall dorcha an bhean í ná féadfadh oiread agus líne do léigheamh ná do scríobh: an oiread focal a's bheadh díreach i ndiaidh a chéile treasna leathanaigh nó colmhan. Bhíomair 'n-ár líne, fear ar fhear, ar feadh dathad slat .i. sínte diaidh ar ndiaidh nó guala ar ghualainn. Cuireadh in aon líne iad chómh díreach lé riaghail: taobh ar thaobh as a chéile ar chóimhrian. Ghluais an loingeas in aon líne: gach áthrach cruinn, díreach i ndiaidh a chéile ar an mbealach céadna. Lé haois tá línte doimhne im éadan: riastaidhe caola. Ó chuaidh sé thar lear níor chuir sé an oiread agus líne uaidh: níor scrígh sé. Na héadaighe ag triomughadh ar líne: córda nó séirsín fhada. D'aithneófá gur ubh deiridh líne é, tá sé chómh beag san .i. an méid ubh do bheireann cearc in aimsir áirighthe. Eadrainn do bhíodh an talamh againn ach tairngeadh líne tríd a's tugadh a chion féin dos gach aonne: stríoca: cómhartha deighilte. Bíonn sé go te ag líne na gréine .i. an ball de chrios an domhain cómhfhaid ón mol thuaidh a's an mol theas. Tá lucht feasa ann a théigheas amach ar líntibh na ndeárnan: na stríocaidhe caola éadtroma ar bhéal na baise. Is baoghalach go mbíonn sé claon lé dul thar líne nuair bhíonn braon caithte aige: an iomad do rádh thar ceart. An té a leanas an líne dhíreach ní gábhadh dho aon eagla bheith air .i. a mhaireas go macánta.

línéadach: *f.1.* éadach déanta as líon. Léine línéadaigh.

líneáil: *b.3.* adhbhar (mianach) chun an taoibh istigh d'aon rud do chlúdach, sraod, screamh d'aon rud, sceódh, lásáil. Líneáil ghorm: fás fada tiugh a bhíos ar bhrannda nó clochaibh trágha. D'íosfadh sé smut de chapall, tá líneáil lé n-a ghoile a dheighleaghfadh aon rud: an clúdach laistigh. Clócha a's líneáil shíoda leis: an t-uachtar istigh. ("**níonáil**" is minicighe)

líneálaim: *b.a.* cuirim sraod le, sceódh, lásáil. Líneáltí áthraighe adhmaid tráth lé copar .i. cuirtí n-a bhairlín é leis an bplannc. Is olc a líneáladh an chasóg san .i. a cuireadh sraod nó adhbhar áirighthe léi. Líneálfaidh an súp san an goile agat: neartóchaidh é.

línighim: *b.a.* dréachtaim, tairngim. Cé línigh an tigh seo? nách taithneamhach atá sé ar pháipéar: thairng é. Ní rómhaith a línigheadh láthair an tighe seo: a síneadh amach.

línightheóir: *f.3.* duine dréacht do tharrac. Nách corónta atá do cheannaghtha aige sa pheictiúir seo, is cliste í méar an línightheóra: an té a líomhnuigh nó a chuir ar pháipéar nó eile le peann, cailc nó scuaib clódh an duine. Fuair sé bheith 'n-a línightheóir fé scéim na dtighthe .i. mar dhuine a chóirigheas dréachta, léaráididhe tighthe etc.

líniughadh: *f.* (*-ighthe*) tairngteóireacht, líomhnadh, ceapadh. Ag líniughadh tógálacha: ghá líomnadh nó ghá dtarrac (a gcrot 'sa gcuma) amach ar pháipéar.

linn: *b.2.* loch beag, log, lochán, bolg beag uisce, an mhuir mhór. Mar a bhfuil lag sa ghort bhí linn ann tréis na báistighe: bolg uisce, lochán. "Is fearr breac sa láimh ná bradán sa linn": san abhainn. D'fhan an bád abhfad ar an linn (cuasa) ag feitheamh le lón sar ar thug sí fé an scórnach amach: bolg an chuasa istigh mar a raibh breis socrachta ar an uisce. An fharraige indiu chómh ciúin lé linn abhann .i. log mar a mbíonn an t-uisce níos doimhne agus níos mairbhe. Is truagh a gcnámha ar tóin linne: na mara. Ar a raibh de last innte ní bhéarfadh léi é dá mbeadh an mhuir ar nós (na) linne: 'n-a báinté: sleamhain, réidh, gan corruighe. Oiread san eagla aige roim uisce ná raghadh sé ar linn mhuilinn: dá chiúine bheadh sé. Oiread san ceana agam uirthe go snámhfainn na linnte ruadha ar a son!: an fharraige dob fhiadhaine. Gach aon áit 'n-a linn indiu .i. logacha uisce i ngach ball.

linn: *b.2.* aimsir áirighthe, uain, sealad, ré. Lé linn dom bheith ag oscailt an dorais a's mo lámh ar an ngeall agam: ar an am díreach. Lé linn dom léimeadh phreab m'alt a's thuiteas i gceann mo chos: ar an uain go raibh an bheart dhá dhéanamh agam. B'é an fear dob acfuinnighe lé n-a linn é, ní fheadar cad mar gheall ar dhaoinibh a tháinig roimis ná 'n-a dhiaidh: lé n-a ré, a mharthain féin. B'fhéidir go dtabharfainn turus ort lé linn na Nodlag: am éigin san aimsir sin. Tá eagla orm ná fuil sa bhreághthacht so ach seal idir dhá linn .i. go mbeidh an aimsir go holc go luath airís mar bhí go gearr cheana. Chómh luath a's gheóbhad cao air tiocfad idir dhá linn: istigh idir dhá thráth nár bh'fhéidir liom teacht. Más mian leat me do bhualadh leat bead féd linn i gCorcaigh: féd bhrághaid. Is furaist aithint nách lé linn na bhfear (maith) é (do bheith ann) is fada go mbéarfadh an buailim sciath a chuid maoidhte ón mbaile seo leis: an tráth nó an aimsir go rabhadar suas. Lé linn an drochshaoghail seadh chuaidh an dísciughadh ar ár ndaoinibh: i rith na haimsire go raibh sé ann. Tháinig sé isteach lé linn bídh: an t-am go raibh an biadh dhá chaitheamh. Ní mar a chéile so agus san linn airgid a b'eadh í sin .i. tráth go raibh déanamh airgid ann. Caithfidh daoine féachaint rómpa féin? an-bhocht í seo: aimsir dhealbh ná fuil aon déanamh ann. Ní léd linn-se ná lém linn-se go raibh aon ocras ann: ó saoghaluigheadh sinn go dtí so. Tháinighis lé han-dhroich-linn, níl teine, teas ná biadh rómhat: ar uain ná fuilid ann. Táim féd linn annso ó shoin, nách fada ataoi: ag feitheamh leat. Ní deimhnighthe atá Seán mar ainm ort ná go mbeidh féd linn, seachain tu féin ortha: ar do thí féd bhrághaid.

linntéar: *f.1.* sileadh, diúgadh, sraoth, slogán, gáitéar, caidhséar. Linntéir ar dhá thaobh an bhóthair chun an uisce do tharrac: gearraidheacha amach trís na gruaidhtibh. Linntéar gorm-uisce ag imtheacht as an mbuaille: sraoth. Tá an bogach lán de linntéiridhibh ag tarrac an uisce uaidh: silidhe i ngach treó tríd. Tá gach aon áis sa tigh chéadna fiú amháin linntéar sa chistin: umar chun an uisce shalaigh d'árdach chun siubhal. Cuir linntéar fén mbúndalaigh tímcheall an tighe a's beidh uisce báistighe go leór agat: fearas iarainn leathchruinn a iomcharóchadh an t-uisce a shilfeadh de cheann an tighe air. Linntéar fén gclaidhe chun an uisce do dhiúgadh as an ndíg: caidhséar: poll oscailte.

linntreach: *f.1.* lochán, diúgadh. Talamh íseal a thugas furmhór a shaoghail n-a linntreach báidhte: 'n-a thuinn. Ag déanamh linntreach chun na talmhan do thriomughadh lé haghaidh curadóireachta: silidhe nó diúguithe.

líob: *b.2.* géire, stráice caol, éadach bheadh trom lé fliuchán. Níor fhág na madraidhe líob anáirde air gan stracadh .i. rinneadar ceirteacha dá chuid éadaigh. Dhearmhadas an tseanchasóg amuigh thar oidhche a's bhí 'n-a líb ar maidin: trom lé huisce báistighe.

líobadh: *f.* (*-btha*) lútáil, leadhbadh, slíogadh, míniughadh. Bheadh san ag líobadh ort ar nós an mhadra ag tnúth lé rud d'fhagháil: ag lútáil: ag déanamh plámáis a's mór nidh is fiú díot. An bhó ag líobadh a laogh: ag cuimilt a teangan de lé cion air. Adhmad go bhfuil an iomad dual ann nách furaiste a líobadh: uachtar mín do chur air.

líobaim: *b.a.* leadhbaim, slíogaim, leadhpálaim. Líobann an bhó an laogh tréis a bheartha: cuimleann a teanga dhe. Nuair théigheann rud de dhuine nó go scaoileann uaidh go sonaoideach é, deirtear leis, "líob anois é!" .i. tabhair póg do chois an ghirrfhiaidh. Líob sé an pláta chómh glan lé croidhe do dheárnan .i. níor fhág sé luid air.

liobairne: *f.4.* duine neamhchruinn as a ghéagaibh, neamhghasta, fuairthé. Fáisc do chuid éadaigh ort, a liobairne, a's ná bíodh na daoine ag gáiridhe fút 'sag aithris ort: duine neamhfháiscighthe, neamhghasta. Féach air seo de scríobhnóireacht, a liobairne, an mbeadh sé de mhímheas agat ar aonne a lithéid do chur 'n-a láthair?: scríobhnóir neamhghasta, neamhshlachtmhar. Beir i gceart air sin, a liobairne, a's ná bíodh gach aonnidh ag stroilleamhaint uait: duine liobarnach: tuathalach lé n-a ghéagaibh. D'aithneófá ar a chuid istigh 'samuigh gur liobairne é: gan aon chrích aige ar aon rud a bhaineas leis. Ní bheadh clann ag an liobairne sin: duine aimlidhthe gan fuinneamh fir ann.

liobairne: *b.4.* tuathalacht, neamhchruinneas, neamhchrích, fuairthéacht. Mo liobairne féin gur thuit an scian i bhfarraige uaim: neamhchruinneas greama. Ar thuill sé riamh d'imthigh soir siar uaidh lé liobairne, choidhche ní bheadh sé aireach: neamhchríochnamhlacht: manaois: fuairthéacht. An liobairne go léir tímcheall an tighe, budh shoiléir ná rabhthas rómhór 'n-a chúram: neimhchrích: faillighe tugtha ar gach cor. Cad é an cóiriughadh ar leabharthaibh é sin? cuireann do chuid liobairne náire orm: ceal slachta a's gastachta gan pioc deallraimh leis.

liobar: *f.1.* stráice éadaigh neamhmaith, éadach nó rud bog mar sin a bheadh ar sileadh go neamhfháiscighthe, seanéadach lé cuimilt de bhórd d'áruistidhibh etc.; duine neamhghasta, neamhchríochnamhail; buille mar buailfí leis an láimh oscailte; stiall. Cuimil liobar den mbórd san, tá sé salach: blúire seanéadaigh. Fáisc do chasóg ort, tá sí 'n-a liobar ort: ar sileadh go neamhghasta. Bhí an oiread san gaoithe ann nár ghábhadh do chur ar an mbád ach liobar (beag) seóil: blúire dhe. Na liobair chluas atá ar an ngadhar gunna: clabhtaidhe cluas: cluasa móra ar sileadh leis. Cuimil liobar des na háruistidhibh sin agus triomuigh iad: éadach árus. Is iomdha liobar fachta ón saoghal aige a's a rian air: stiall, buille a dhein a dhíoghbháil. A léine 'n-a liobar trí thóin a thriubhais: ar sileadh trí pholl ann. Níor ghoirtigheadar in ao'chor me, ní bhfuaireas uatha ach liobar nó dho: buille: stiall. Buaileadh le liobar treasna an bhéil me: leis an láimh oscailte. Bhuail an capall le liobar dá earball san aghaidh me: scuab-bhuille. Bhuail sé liobar uirthe .i. chumaisc sé í. Is maith a theastóchadh liobar nó dhó ón dteallaire drochmhúinte sin: é do

smachtughadh lé duaidhnéis chuirp do chur air. Féachaidh ar a ghnóth, a chúram 'sa shealbhas, nách náire iad, an liobar: duine gan chrích gan áird.

liobarnach: *a.* tuathalach, neamhghasta, giobalach, stroilleach, drabach, neamhchruinn, liopaisteach. Daingnigh an chos sa chasúr san, tá sí ró-liobarnach ann, a's í ag faire ar thuiteam: neamhshocair. Maididhe liobarnacha iad so chun rámhaidheachta leo: aindeis chun áise do bhaint asta. Duine is liobarnaighe 'ná thu ag breith ar pheann ní fheaca im laetheantaibh beatha: is neamhchruinne .i. gan an greim ceart do bhreith uirthi. Connus gur imthigh an téad chómh liobarnach as do lámhaibh amach?: chómh stroilleach: tuathalach i dtaobh áise a ghéag. In ainm Dé ná feiceadh aonne do chuid éadaigh chómh liobarnach san ort: neamhghasta, neamhfháiscighthe: gan iad ar an slighe chóir ná cheart. Ná beir liobarnach ar an dtlúth san, tá sé te .i. ná beir air i slighe agus go ndóghfadh sé thu. Iogán annso ar fhalla agus lag annsúd i bhfalla eile, saoirseacht an-liobarnach seadh í: gan an aire cheart fachta aice. Is í an cainnteóir blasta í a's an bhean ná fuil an teanga liobarnach aice: claon lé dearmhad nó rud gan fuaimeant do rádh. Brathaim mo lámha an-liobarnach, ní fhéadfainn m'ainm do scríobh tá an oiread san fuachta ortha. Beidh do ghnóth bliadhna go liobarnach agat mara dtosnuighir in am agus gotha do chur ort féin chuige: beidh thiar air: beidh easnamh a's díth air. Buille ró-liobarnach dob eadh é sin, bhís abhfad ó cheann an tairnge: neamhchruinn trí gan cur chuige 'n-a cheart. Mara mothaluighimíd sinn féin rud éigin do dhéanamh a's stad de chainnt, beidh lá an-liobarnach againn .i. mórán gan déanamh budh cheart do bheith. Tá cuma an-liobarnach ort .i. níl cuma ghasta, ghlan ná sheólta ort.

liobarnacht: (**liobarnaidheacht**) *b.2.* tuathalacht, aon rud a bheadh ar sileadh lé neamhghastacht, neamhghastacht, aindeise, giobalacht. Caith uait an liobarnacht a's dein rud éigin: neamhghastacht: déanamh rud ná meadhann faic: cuir tú féin i dtreó cheart. Caith an liobarnacht ar fad des na fallaidhibh: rudaidhe ar crochadh ortha ná fuil call leó: go bhfuil cuma neamhshlachtmhar ortha. Téidheamhuigh do lámha leis an dteine go n-imtheóchaidh an liobarnacht asta: manna leathar: ceal teadhail. An liobarnacht fé ndeara dhuit an tsrian d'imtheacht as do láimh: ceal an ghreama chirt. Cad é an liobarnacht atá ar an seól san?: teann do shiota: crothadh a's luascadh gan cheart.

liobóg: (**leadhbóg**) *b.2.* baineannach neamhghasta, bean nó cailín ná bíonn cruinn 'n-a ngnóthaidhibh. Ná tóg ar an liobóig bhoicht aon rud do dhéanamh as an slighe, ní thuigeann sí a mhalairt: bean neamhthuigseanach ó phréimh. An rud atá déanta anois agat ní dhéanfadh liobóg é, féach!: bean ná beadh aon chruinneas gnótha innte. Sin é, fág gach aonnidh id dhiaidh ar nós na liobóige: go neamhghasta, neamhshuimeamhail.

liobrachán: *f.1.* duine breallach, neamhghlan, neamhghasta. An té a bhíos 'n-a liobrachán ó phréimh ní mhúinfeadh Éire slacht do: neamhghasta ó dhúthchas. Is furaist aithint tu, a liobracháin, féach ar do chuid éadaigh chómh neamh-néata, a's ar do chuid oibre chómh neamhchríochnamhail: duine a bhíos breallach, neamh-aireach.

liocaim: (**liocuighim**) *b.a.* sínim nó tairngim, leathanuighim amach go tanaidhe. Liocóchad-sa an tsrón ort-sa .i. buailfead í i slighe a's go luighfead isteach lé t'aghaidh í. Bíonn an gabha ag gabháil ar iarann the go liocuigheann sé é ar a thoil .i. go ndeineann a

leathnughadh a's a thanughadh. Liocuigh an chéad bhuille me, a's níor éirigheas go ceann tamaill: shín ar lár me. Liocuigh sé é féin anuas ar an dtalamh d'iarraidh a's ná feicfí é: leathanuigh sé féin a's luigh chómh dlúth agus b'fhéidir leis. Liocuigheadar an nadhbhóg ar an dtráig lé n-a iomad ualaigh do bheith innte: do leathanuigh sí amach ar gach taobh as a deilbh. Ag gabháil ar an bpingin lé casúr gur liocuigh go toirt corónach é: thanuigh a's leathanuigh amach í. Go liocadh an diabhal é!: go gcuiridh ar lár.

liocughadh: *f.* (*-uighthe*) do leathanughadh, do libhéaladh a's thanughadh; do shíneadh amach ar gach taobh. Ag liocughadh barra an tsuic: ag baint an reimheadais as. Ghom liocughadh féin isteach leis an bhalla, d'fhonn, mar dheadh a's ná feicfí me: ghom theannadh féin go dlúth leis. Ag liocughadh barra na rainne ag tabhairt tanaidheachta air a's ag baint na roc as. An fharraige ag gabháil lastuas di ghá liocughadh: ghá leathanughadh amach as a deilbh. Sin é an fear ná beadh i bhfad ag liocughadh do shrón duit .i. ghá cur as a clódh. Tá liocughadh maith fachta agam ón aimsir ní beag liom de: suathadh: tuargaint.

liocuighthe: *a.r.* leathanuighthe amach go comhthrománach; curtha ar aon libhéal. Is mór mar thuit sé lé déidheannaighe, tá sé liocuighthe anuas ar an dtalamh: an seasamh 'san scrothaidheacht a bhí ann táid imthighthe uaidh a's tá cromtha chun talmhan. Baintear díom an t-ualach so táim liocuighthe aige: dhá bhreith chun talmhan. Tá an bád liocuighthe anois 'sis mithid di é, is iomdha lá aoise aice: sínte amach as feirm an chéad lae. Tá a chluasa liocuighthe ó bheith ag gabháil ortha: ar dhéanamh na duilleóige. Cluasa liocuighthe dornálaidhe: gan cuma, gan crot.

liodáin: *iol.* athchairt dhíoghraiseach go leanann an freagra céadna ón bpobal gach gairm. Liodáin na naomh, na marbh, Mhuire, Íosa etc. Léighfead-sa na liodáin ort: mise an té a inneósaidh cad é an saghas duine thu. Níor chás na liodáin do léigheamh air .i. tá an-dhroch-chrot air .i. tá sé i ndeireadh na feide. Ag léigheamh na liodán.

liodar: *f.1.* síománaidhe, duine mall, míothapaidh. Fág mo radharc! a liodair, ní bheinn ag féachaint ort ag tuiteam ded chodladh ar do chuid oibre: silimide duine: slibireálaidhe. Bheadh céad ghnóth déanta ag fear eile faid bheadh an liodar ag gabháil d'aon ghnóth amháin: duine neamhphraitineamhail. A liodair, an bhfeicir an fhaid atá caithte agat leis seo: duine a mheileas an aimsir leis.

liodarach: *a.* mall, righin, siléigeach, leasc. Is liodarach an duine thu, bheinn i gCorcaigh a's thar n-ais faid taoi ag triall ar bhraon uisce: neamhéascaidh. Seo anois ná bí chómh liodarach léd dhigh, bí ag cur díot abhaile: ná caith na tráthanna os a cionn. Fair é siúd do bheith liodarach is beag duine a sháthfaidh chun gnótha roimis: mall: righin: neamhphraitineamhail.

liodaráil: *b.3.* moille, siléig, neamhéascaidheacht, míothapamhlacht. Níl aon ghnóth liodarála anois againn, táthar ag feitheamh linn: do dhéanamh siléige. Chaithfeá an lá ag liodaráil mar seo, budh dhóigh lé duine ná raibh cúram tighe ná áite ort ach do shaoghal do chaitheamh ameasc cuideachtan: mheilfeá an lá gan bac léd chúram do dhéanamh. Lár na hoidhche a bheireadh a bhaile é – an liodaráil 'n-a dhiaidh gach aon lá riamh: an

neamhfhonn gluaiste. Níl i gcainnt ach liodaráil, éirightear a's téightear i mbun birte: meilt aimsire.

liodrálaidhe: *f.4.* síománaidhe, fadálaidhe, righineadóir. Ná bí ag brath ar an liodrálaidhe sin chun do theachtaireachta do dhéanamh, ní fhillfeadh san go hoidhche ná cuimhneamh aige air: síománaidhe: righineadóir gur chuma leis céaca. Ag déanamh an chúraim is lugha is tú an liodrálaidhe is mó amuigh, choidhche ní bhfaighfí faic as do lámhaibh: fadálaidhe: duine gan fonn gan deabhadh. Anois, a liodrálaidhe, mothaluigh thu féin a's teasbáin go bhfuil anam éigin ionat: duine righin.

liog: *b.3.* géag mhartruighthe, ciotóg. Thabharfadh san liog ar an thap do dhuine, tá sé chómh droichmhiantamhail sin: buille gan choinne. Seachain tú féin ar a liog, tá sí aige go cruinn: ciotóg.

líog: *b.2.* cloch mhór shlinn. Cuirtear líoga treasna ar bhéal na huaighe: clocha fada, leathana, slinne. Buaileadh lé líg chloiche é: cloch gur mhó ar a slinne í 'ná ar a reimheadas. Is fada fén líg do: san uaigh. Go gcuirfear an líg (líog) orm ní mhaithfead do: go n-adhlacthar me.

líogarnach: *b.2.* caitheamh líog, cloch; clagairt bháistighe. Chrom na garsúin ag líogarnaigh a chéile ag teacht ó scoil dóibh: ag crústach chloch ar a chéile. An líogarnach (bháistighe) a bhí ann ar an uain d'fhliuchfadh go smior duine: duartan go raibh fuinneamh leis a's glór aige.

líogradh: *f.* (*-gartha*) leadhbadh, lighe. Ag líogradh an bhídh ar nós an mhadra: ag itheadh go cíocrach. Ní mór ná gur chrom sé ar me líogradh, leig sé air bheith chómh ceanamhail sin orm: ag cuimilt a theangan díom.

líograim: *b.a.* leadhbaim, lighim. Ní hamháin gur ith sé a raibh ar an bpláta ach líograidh sé é: chuimil a theanga dhe lé dúil a's cíocras. Nách gleóidhte líogrann an caitín an bainne den scáiltín: bailigheann chuige lé barr a theangan é.

liogram: *f.1.* "sop in ionad scuaibe", cómharthaidhe sóirt, leathscéal ruda; suarachán ruda. Dar ndóigh ní ghearrfadh an liogram (scine) seo ím dom!: sean-mheilit. An gluaisteán atá anois aige, ní leigfeadh eagla dom dul isteach innte, liogram a fuair sé ar mhargadh an tseanchorcáin in áit éigin: rud gan tairbhe. "Is fearr liogram lag 'ná bheith follamh ar fad": is fearr aon rud ná bheith gan dadamh. Na liograim bhróg atá air ní chaithfinn, is geall le páipéar iad: bróga gan bhrigh.

liom: *r.fh.* im fhochair, im sheilbh, ar mo thaoibh. Liom lá, im choinnibh lá: seal fabhrach dom, seal míofhabhrach. An té bheadh liom bheinn leis: an té a thaobhóchadh liom etc. Is deacair dul amach ar an té go mbíonn teanga liom leat aige: ar mo thaobh-sa im láthair, ar do thaobh-sa id láthair-se: cealgach: neimhdhílis: fealltach.

líomhán: *f.1.* úirlis chruaidhe go mbíonn gruaidhte nó fiacla chun gearrtha uirthe; cloch fhaobhair nó liathbhró. Á, nách é an droichmhianach é, gcloistí an líomhán fiacal atá air:

gíoscán aca ag meilt ar a chéile. Fiacla ar nós an líomháin aige sin a ghearrfadh iarann duit: géara, cruaidhe.

líománuighim: *b. n-a.* cúisighim, cuirim i leith. Líománuigheadar orm-sa gur mé a scéidh ortha a's mé chómh saor air lé bunóic ó airéir: chúisigheadar me: chuireadar im leith é. Ní líománóchainn duine gan teasardha do dhéanamh ameasc lucht achrainn: ní cháinfinn. Ná líománuigh faic ar aonne ar "dubhairt sé dábhairt sé", gan bheith deimhnightheach díot féin. Pé rud a bhíos as an slighe orm-sa a líománuightear é: do buailtear anuas i mullach an chinn é.

líománughadh: *f.* (*-uighthe*) cúisiughadh, milleánughadh, cáineadh. Ní staontar ach ag líománughadh orm, bíodh rud déanta as an slighe agam nó ná bíodh is me a bhíos thíos leis: milleánughadh. Budh chuma liom ach bheith ag líománughadh an mhíchirt orm: ag cur rud im leith ná bím cionntach ionta.

líomnadh: *f.1.* fioghar; líne nó línte a fhoillsigheas teóra deilbhe. Is aoibhinn líomnadh Bhréanainn ar bhreacadh lae: an faobhar anáirde idir duine agus an spéir.

líomhtha: (**líomhta**) *a.r.* greanta, mínighthe, snasta, slachtmhar, gléasta, seólta, éascaidh, lonnardha, géar, sármhaith. Bíonn cuma líomhtha ar luing chogaidh, ní fhéadfá gan í do shuimiughadh: deaghchúmtha a's chuirfeadh siubhal a's gníomh i gcuimhne dhuit. Peann líomhtha a scríobhas go maith a's go réidh, mear: éascaidh: so-ghluaiste. Cheannuigheas bórd líomhtha ar bheagán, budh bhreágh leat féachaint air, chídhfeá tu féin ann tá sé chómh gléasta san: críochnuighthe ar fheabhas. Capall líomhtha chun bóthair: a ghluaiseas go héascaidh, taithneamhach gan tafant. Sin í cainnt is líomhtha a chuala lé fada, chuirfeadh sí taithneamh a's sástacht aigne ar aonne í do chlos: cainnt lé binneas, éifeacht a's gluaiseacht fhuinneamhail. Níl do dharadha ró-líomhtha, tá sé ag dul in achrann, beir ar bheagán éisc is baoghalach: ní ritheann sé as a chéile go héascaidh. Sin í an scian líomhtha agat, mar ghearrann sí ar nós na rásúrach: géar: nimheamhail. Tá an teanga líomhtha a dhóthain aige dá mbeadh aon mhaith eile ann: is mó 'en chainnt atá aige 'ná tá de ghníomh ann. Bíonn crampaidhe ag gabháil de, níl na géaga an-líomhtha aige: níl a n-áis ar a thoil aige. Nár líomhtha an iarracht í gur shín sé ar a fhaid a's ar a leithead an buailim sciath: cruinn, praitineamhail, deagh-aimsighthe. Nílim ró-líomhtha indiu ar chuma éigin .i. ní bhrathaim an t-anam ceart im chorp. Is líomhtha as a ghéagaibh é 'ná as a chosaibh: is anamamhla: prasa. Is aice a bhí an dá shúil budh líomhtha chonnaic sé ag mnaoi riamh: beó, aibidh.

líomatáiste: (**liomatáiste**) *b.4.* ceanntar, foirleathad, slighe, fairsinge (talmhan), dlighinse. Is mór an líomatáiste deich bparóiste i mbeatha sagairt: ceanntar: an méid talmhan go bhfuil cómhacht eaglaise aige. Tá slios fiche míle ar faid agus deich míle ar leathadh ag an ndochtúir, is mór an líomatáiste í sin: ceanntar gur b'é a dhualgas riar air. Deich mbailte fearainn líomatáiste an pharóiste: méid: toirt. Deirtear lé duine gur deacair slighe d'fhagháil do lé n-a mhíoshástacht nó neamh-rothag, "is mór an líomatáiste do thógann tu!" .i. breis mhór shlighe 'e bhreis ar aonne eile. Trí conntaethe líomatáiste an bhreithimh .i. dlighinse: an méid go bhfuil ughdarás dlighe aige air. Caithfir deabhadh do

dhéanamh chun bheith in am, tá líomatáiste mhór rómhat fós: achar fada: slighe mhór. Líomatáiste cheithre ngort atá sa teórainn eadrainn: achar: slighe: limistéar.

líomhthacht: (**líomhtacht**) *b.3.* snastacht, éascaidheacht, deárscnacht, taithneamhacht, luas, géire. Gheóbhadh san aon rud ar cáirde lé líomhthacht a theangan .i. a fheabhas a aithriseann sé a chás. Beagán Gaedhealainge atá agam, agus gan puinn líomhthachta léi, beireann cruaidh orm í do labhairt .i. ní thagann sí pras ná flúirseach chugham. Chuirfeadh sé aoibhneas ort bheith ag féachaint ar a líomhthacht a's oibrigheann sé .i. slachtmhar .i. a chuireann sé roimis go héascaidh, fuinneamhail, pras, gan duadh. Níl aon líomhthacht ag baint leis an mbád san má tá sí láidir féin: crot deagh-chúmtha a chuirfeadh 'n-a luighe ar dhuine go bhfuil luas a's gníomh innte. Ní ag tuiteam dá codladh bhíonn sí sin, tá líomhthacht con innte .i. chómh mear, pras, éascaidh. Mhuise, a sciain, tá líomhthacht ionat, do bhainfeá an ceann de tharbh!: géire agus fuinneamh a's mianach ceart. Ní fhéadfadh an t-éadach san gan bheith daor ar an líomhthacht do gheibhim fém mhéireannaibh ann: an mhíne. A líomhthacht a's bhuaileann an gabha maith an t-iarann .i. a fheabhas, a chlisteacht a's a thaithneamhacht.

líon: *f.1.* coisce, uimhir, an uile, ganna, tómas, ádhbhar. Níl ár líon tighe rómhór ná róchostaiseach, geallaim duit, me féin a's mo bhean: an bhuidhean: an uimhir. A's me im gharsún óg bhí líon fear 'n-ár bparóiste chómh toghtha a's gheóbhfá in aon bhall: uimhir: ádhbhar fear. Cá líon sibh?: cé méid duine agaibh ann. Níl bhur líon fear agaibh i gcóir na hoibre ná is fada uaidh: coisce: oiread agus a oirfeadh díbh. "An bhfuil aon phlúr agaibh?" – "tá líon bliadhna": tómas. Céad fear líon ár mbuidhne: uimhir iomlán.

líon: *f.1.* déantús nó gléas oscailte de shnáthach cadáis, cnáibe, síoda, etc., go mbíonn mogaill snadhmtha ann; cómhacht, neart. Líon éisc, éan, etc. Cuir an líon lé n-a théid (croch é): ceangail lé braighdín é den dtéid i gcóir iascaigh. Cor lín: an fhaid a's bhíos líon san uisce fé bhrághaid beartha ar iasc. Thugamair fé ndeara an bád faid birt lín uainn .i. sraith (sé nó seacht etc.) líon. Cuireadh na líonta fionnraighe .i. líonta róid .i. a bheadh ar ancaire. Ní raibh ach na líonta curtha: curtha i bhfarraige. An líon búird: an ceann is giorra den mbád iascaigh; an líon earbaill: an ceann ar dheireadh an bhirt nó na sreatha. Pé mío-ádh do sheól im líon thu go seólaidh Dia uaim thu!: pé rud a chuir im threó thu. Mara mbeadh fiacha do bheith aige orm agus, dá dheascaibh me 'n-a líon is fada buidhe go dtaobhóchainn-se leis: 'n-a chómhacht: fé n-a iongain. Thug sé aire mhaith nár tháinig sé im líon, mar is maith dob eól do go gcuirfí an tinn air: i dtreó greama air.

líon: *f.1.* lus caol go mbláth ghuirm, duilleóga cumhanga, gas righin, deintear lín-éadach dá bharrach agus min ruis den síol. "Iarrann sí olann agus líon, agus oibrigheann sí go humhal lé n-a lámhaibh" (Seanráidhte XXXI. 13).

líonadh: *f.* (*-nta*) do chur nó do scaoileadh isteach (in árus nó i limistéar teanntuighthe) an oiread a's do raghadh ann nó b'fhéidir leis do chongbháil; lón nó cuid mhór d'aon rud do chur isteach; at, borradh; teacht na taoide; othar do theacht i gcneadh; bróin do bheith ag bailiughadh. Níl aon deaghchuma ar an dtráthnóna tá sé ag líonadh thiar orm: scamaill throma drochthuartha ag bailiughadh san áird sin. Ar mbeith d'ocras ar dhuine a's go n-íosfadh sé, déarfadh sé "an líonadh do chur in ionad an fhollamhuighthe" nó nuair tógtar

as a mbíonn in árus, nó an áit go gcuirtear an oiread céadna den nidh chéadna nó a chómh-mhaith 'n-a ionad nó cúiteamh do dhéanamh in aonnidh mar luach an ruda a tógtar do thabhairt. D'fhear a bhí chómh seang, seirgthe leis riamh is mór mar tá sé ag líonadh le tamall: breis feóla a's coimpléis ag teacht do. An tráigh ag líonadh: an sáile ag éirghe. Nár chás dóibh sin aon deabhadh bheith ortha, ach leigeant do "trághadh uatha a's líonadh fútha": fanacht sa tsuidheachán chéadna gan mairg gnótha ná cúraim ortha ach ghá n-aoibhneas féin. Níl ag baint a chéille dhe ach bheith ghá líonadh féin: ag palcadh a ghoile lé biadh. Ná leigtear an chneadh san roim líonadh i gceart di: sara mbí an braon aibidh innte. Lé taithneamh duit tagann líonadh ar mo chroidhe nuair chídhim thu: borrann sé lé háthas. Ag líonadh na gciotaidhe: ag cur dighe ionta. Ó mhoch na maidne bhí an baile ag líonadh isteach lé daoinibh: ag bailiughadh ann. An bhfuil líonadh na pípe agat?: oiread tobac a's raghadh innte. Ag líonadh lé mustar a's ná feadar cá taobh é: ag borradh: meas a's lán an domhain. Táthaoi in áit mhaith, níl aon bhaoghal líonta annsan oraibh .i. ní ar fhochais nó fiadhchloch atáthaoi gur bhaoghal díbh an taoide bhur dteanntughadh. Ag líonadh uisce, choirce etc. .i. ghá gcur in árus, ar thrucaill etc. Ag líonadh ualaigh: ag cur oiread ar nó i gcóir iomchair a's cheapfí go mbeadh go leór ann. Tá an cunntas ag líonadh a's nách fios connus íocfar: ag dul i méid go mór.

líonaim: *b.a. 7 n-a.* cuirim, scaoilim, doirtim oiread in árus, áit choimeádta a's choingbheóchadh sé; borraim, ataim, sáithighim, bailighim mar braon (othar). Do líon ortha a's b'éigean dóibh fanacht ar an bhfiadhchloich: d'éirigh an taoide a's theanntuigh iad. Fairír, d'fhanadh sa Daingean go líonadh fé a's go dtrághadh uaidh: chaitheadh sé na tráthanna ann lé ragairne gan cuimhneamh ar fhágaint. Do líon sé d'olc chugham toisc gur chuireas a dhearmhad in iúil air: tháinig oiread feirge air agus b'fhéidir. Líonfainn d'fhuath dhuit dá gcuirteá cruisteach mhícheart ar aonne: thiocfadh lán mo chroidhe de ionam. Líon chughat féin ar dtúis: cuir lán t'áruis etc. Líon as an dtobar an t-uisce: tóg as. Do líon an tigh de dheatach: bhailigh ar fuaid an tighe ar fad. Líontar amach deoch chughainn: cuirtear deoch áirighthe chun gach aonne. Líon an lamhnán: teann lé gaoith (aer) é. Budh thruagh leat é nuair líon a shúile: nuair láithrigh iomad deór ionta. Nuair líon sé thoir thuaidh chuireamair dínn chun cuain: nuair tháinig tóin nó bróin (scamaill mhóra dhorcha) san áird sin. Líon corn fiona liom: cuirtear fion go smeig ann a's ólaimís sláinte a chéile.

liongáil: *b.3.* luascadh, síos suas, corrthónacht. Nách tú fear na liongála, suidh socair ar do thochta nó iompóchair an bád: corruighe ó thaobh taobh. Ní raibh aon rud ach a rádh go raibh sí ag liongáil de cheal gaoithe: ag luascadh. Bhí an iomad ólta aige, bhí sé ag liongáil ar a chosaibh: ag luascadh ó thaobh taobh: groga ann.

liongálaidhe: *f.4.* duine a bhíos neamhshocair ar a chéim; go mbíonn groga ann. Ná bí ghom ghuailneáil, a liongálaidhe, siubhluigh díreach: fear go céim thall 'sabhfus aige. Nách aindeis a thugann an liongálaidhe sin a chosa leis: duine ná siubhlann go gasta, córach.

liongán: *f.1.* síos suas, luascadh, aon rud neamhshocair, corrthónach, corruightheach. Ní dearbhtha id shuidhe ar an liongán cathaorach san thu ná thógfaidh sí leat mara dtugair aire dhuit féin: cathaoir gan fuaimeant. B'fhiú dhuit peictiúir an liongáin trucallach atá ar

an asal aige do thógaint, lúbann sí ar nós an tuighe: níl ach a rádh go bhfuil ceangailte as a chéile. Is ar éigean atá do liongán capaill ábalta ar an iallait d'iomchar gan bac lé rás: raga lag.

líonmhaire: *b.4.* flúirse, fairsinge, raidhse, mórchuid. Is dona an scéal é nách ag dul i líonmhaire atá na daoine sa Ghaedhealtacht: ag dul i mbreis: ag méadughadh. Ó cuireadh cosaint ar an bhfiach dubh táid ag dul i líonmhaire: breis aca ann ó bhliadhain bliadhain. Ag dul i líonmhaire atá a ghearánta in aghaidh an lae: ag méadughadh: an rud ná raibh indé air tá indiu air. Táthar dhá chur ar an mír-riar i Sasana fé láthair, cómhartha é ná fuil líonmhaire beatha ann: flúirse: raidhse. Bhí ladhracha maithe éisc ges na báid ach ní déarfá go raibh aon líonmhaire mar sin aca: aon raidhse mhór. Líonmhaire grás(t) Dé, moladh go deó leis go honórach: flúirse gan teóra.

líonmhaireacht: *b.3.* lán, raidhse, neart, iomad, iomláine, tortacht, cuimse, iomadamhlacht. Tá an líonmhaireacht i gcré na hÉireann ach é do bhaint aiste: tortacht: saidhbhreas tortha. Ní hag dul i líonmhaireacht atá na leanbhaidhe scoile annso mar ná fuil na daoine ag pósadh: ag méadughadh. Is mithid do líonmhaireacht léighin do bheith air anois is fada ghá shuathadh é: cuid mhór, fhuaimeantamhail. Níl aon teóra lé líonmhaireacht na farraige: tugann sí saidhbhreas bídh uaithe. Níl aon teóra lé líonmhaireacht na ndaoine sa tSín, tá na céadta milliún innte: iomadamhlacht.

líonmhar: *a.* flúirseach, iomadamhail, fras, fairsing, lán, sluaghmhar, ionmhasach, tiugh. Bíonn fiadhach go líonmhar ar sléibhtibh sa gheimhreadh ann: éanlaithe, etc. go flúirseach: go leór leór díobh ann. Scaoil do ghrásta go líonmhar 'n-ár gcroidhthibh: go hiomadamhail: gan doicheall, gan coigleas. Bradáin go líonmhar lé fagháil ar an abhainn: gan gainne ar bith ag baint léi fútha. Dúthaigh líonmhar fé dhaoinibh: mórchuid díobh ann. Tobar líonmhar é sin ná deaghaidh riamh i ndísc: go leór leór uisce ann. Cathair go raibh furmhór d'airgead na dúthaighe bailighthe isteach 'n-a bainnc líonmhara: bainnc shaidhbhre, theanna. Mo chuisle do lámh líonmhar is í ná fuil gann ná sprionnlaithe: lámh fhairsing, fhlaitheamhail. Ní líonmhaire ruibe gruaige ar mo cheann 'ná mar tá cómhairle leasa tugtha agam do: ní tiugha: níl ceann breise ann.

lionn: *f.3.* lacht, deoch (mhearbhaill), domblas, réim dhubh, beóir, corma, brachlais. "Dar lé gach leanán gur leó féin me nuair ólaim lionn": lacht mearbhaill. Buidéal leanna duibhe .i. deoch láidir do brachtar as eórnain. Tigh leanna: tigh óil. Bean leanna .i. bean an tábhairne. A cheann fé aige, tá an lionn dubh na laetheanta so air: ísle bhrigh spiride. Marbh lé lionn ruadh: goile tinn, diachrach a's úirlicidhe troma.

lionnsca: *f.4.* dlúimh nó meall gan anam; pleist; duine gan bhrigh gan anam. Nách é an lionnsca é ná cuirfeadh ádhbhar talmhan do féin i gcóir na bliadhna in ionad bheith dearg-dhíomhaoin: fear ná fuil anam ná anál ann. Fuairtheas sa díg é tréis an ghluaisteáin ghá bhualadh 'n-a lionnsca goirtighthe gearrtha, laitighthe: 'n-a phleist aindeis.

líonrith: (**líonruith**) *f.* (*n-dh*) suathadh inntine, sceón, luas croidhe, anacair, gábhadh. Beir breágh, fada, bog, foidhneach air a's ná tagadh aon líonrith ort, seadh is fearr do chaimseóchair: sceitimínidhe: corruighe suaimhnis inntine a's cuirp. Do chuir bás obann

a fir líonrith uirthe: nár bh'fheas di cad budh cheart di do dhéanamh: chorruigh go buadhartha í. Buaileadh an doras chómh hobann, láidir sin gur tháinig líonrith ar mo chroidhe: chrom sé ar phreabadh go mear, aimhréidh. Ná cuirfeadh an phléascáil aoir seo líonrith ar an té is misneamhla beó: sceón go dtiocfadh 'n-a threó féin. Leis an líonrith do bhí orm níor fhanas me féin do ghléasadh ach teicheadh as an dtigh: deabhadh lé gábhadh. Ná hólfá do dheoch go deas socair cad dob áil den líonrith?: an fotharaga. Má tá olc féin air cuimhnigh ná cuireann san aon líonrith orm-sa: buadhairt: corruighe aigne: suathadh. Dá dtagadh duine i láthair a's deabhadh a's saothar air, déarfí "is mór (go léir) an líonrith é": míoshuaimhneas. Ná bain aon stad asam táim lán de líonrith: deabhadh i ndeireadh an anama chun teacht suas lé rud éigin. Cuireann an bhean san líonrith orm nuair fhéachann sí orm: bíodhgann me. D'órduigh an dochtúir gan aonne do chur líonrith ar an nduine breóidhte: gan aonne do dhéanamh aonnidh a chorróchadh a shuaimhneas. Cuirfead-sa líonrith air sin ag imtheacht: teichfidh sé leis féin go heaglach.

líonta: *a.r.* (d'árus) ar aiste oiread do bheith ann a's d'fhéadfadh do chongbháil, (foirgneamh) lán, palcuighthe, sásta, beathuighthe, borrtha, atuighthe. Is líonta atá sé thoir, ní fheadar an sneachtadh atá air?: bróin ann: scailpeanna troma scamall ann. Nách líonta an fear é sin, ní mór go bhfuil ann an bóthar do shiubhal: borrtha: atuighthe thar ceart. Beithidhigh líonta seadh iad, ní hiongadh iad do dhul airgead maith: beathuighthe, cothuighthe. Na líonta líonta le hiasc: breac i bhfurmhór gach mogaill. An-líonta ná faghadh duine eile slighe ann: palcuighthe. Mo chnámha líonta 'e phiantaibh: ceann aca níl gan bheith ag goilleamhaint orm. Tá siad líonta d'fheirg chughainn, ní bheannóchaidís dúinn: fearg dhearg ortha. Greim eile ní fhéadfadh sé do chur ann féin, tá sé líonta go poll an phaidrín: slighe an ghoile ar fad gabhtha ge biadh. Dá mbeadh mo phócaidhe líonta le hairgead ní fhóirfinn ar an alfraits .i. i slighe ná raghadh a thuilleadh ionta. Táim líonta de ghráin orm féin ó dheineas an rud úd nár chóir dom .i. níl a luighead ceana agam orm féin. Is cuma dhuit cá ngeóbhaidh an lá anois, a bharránaigh, tá do bholg líonta: sásta de bhiadh. Ní raibh an tráigh líonta ar an uain: 'n-a lán mara. Fág mo radharc! táim líonta dhíot!: dóthanach: bailighthe dhíot. Cuir cárta eile chugham, níl mo lámh líonta fós: mo choisce cártaidhe agam.

líontacht: *b.3.* ar aiste bheith lán (líonta); láine, atuightheacht, borrthacht, palcuightheacht, sástacht. Dá líontacht de dhigh a bhí sé, bhí a shiubhal 'sa rian aige: dá mhéid dighe a bhí istigh aige. Dá líontacht a bhí sé theas níor chuir san eagla roimis an aimsir air tabhairt fén mbóthar: dá mhéid a's dá thruime bhí scamaill 'n-a mbróin bailighthe. Dá líontacht atá an pheil seadh is éascaidhe í: dá mhéid an ghaoth (aer) atá palcuighthe isteach innte. Is ar éigean a gheóbhadh sé an doras san isteach duit lé n-a líontacht: borrthacht: toirt lé feóil. Ní fheadar cad tá orm, ní leis an méid d'ithim é, ach brathaim líontacht éigin im ghoile: láine: é ag goilleamhaint orm mar bheadh breis bhídh ann. Ní fhéadfainn an sac d'iomchar lé n-a líontacht: an méid mhór a bhí bailighthe isteach ann. Nár chaillead choidhche thu! bhí an líontacht riamh ar do láimh: an raidhse a's fonn a dáilte.

líontán: *f.1.* líon beag. Líontán oiniún: líon i bhfeirm sparáin chun a gcoimeádta. Líontán éisc .i. líon. Seachain tú féin ar an líontán a bheadh rómhat: gaisce.

liopa: *f.4.* pus íochtair nó uachtair, ceann des na duilleógaibh feólmhara a chlúduigheas na fiacla a's a dhúnas nó a osclas an béal; liobar ar sileadh as aonnidh; an saghas géige a bhíos ar éisceannaibh áirighthe chun snámha; an chuid de bhóna casóige anuas ar an ucht agus iompuighthe siar air; blúire a bheadh fuaighte ar bhéal póca chun a chlúduighthe; an chuid íochtarach, liongánach den gcluais, den scairt, den aedh etc. Is gnáthach liopaidhe reamhra ar dhaoinibh gorma: beóla. Gnáthamh coitcheann tráth ag mnáibh fáinnidhe do chur i liopaidhibh a gcluas: 'n-a gcúinne cruinn thíos. Bíonn dhá liopa chun tosaigh ar an rón lé n-a snámhann sé as ionnramhálann sé é féin ar an dtalamh tirim. Nuair bítí ag brollaidheacht beirtí ar dhá liopa casóige a chéile chun greama d'fhagháil. Cuirtear bláth i liopa casóige. Fill! tá liopa ar sileadh leat: blúire de bhall éadaigh scartha ón gcuid eile dhe. Féachaidh, an liopa atá air! cad é an míoshásamh é seo anois?: breall: an pus íochtair silte síos ón ndranndal. "Léan id liopa!" deirtear lé duine ná taithneóchadh leat. Cuir liopa do phóca lasmuigh: an clúdach a bhíos 'n-a chóir. Ná bíodh eagla ort go bhfuil aon liopa ar sileadh leis sin: aon rud boigéiseach ná ar bóiléagar ag baint leis. Liopa de leap: an sáimhín, líomhán (míol) gréine: iasc mór, slinn, déanamh an rotha air a's fanann go sámh ar bharra an uisce.

liopaiste: *a. n-dh.* (**liopaisteach**) aindeis, codrománta, amalach. Riamh ní fheacais éan is liopaistighe siubhal 'ná an eala dá líomhtha shnámhann sí: tuathalach, trom, aindeis, mall. Tá an t-órd so róthrom, ró-liopaiste domh-sa, níl sé d'acfuinn ionam í d'ionnramháil: aindeis.

lios: *b.3.* clós nó gabhann cruinn a's cosaint air. Bean leasa: bean sidhe. "Budh dhóigh leat gur amach as lios do tháinig sé (sí)" deirtear le duine go mbíonn cuma meathluighthe air nó siabhra. Tá milleadh sa lios .i. aonne a chuirfeadh cruisteach uirthe nó a réabfadh í bheadh an mío-rath nó buailfí poc (millte) air.

liosachán: *f.1.* rianan leasa achrannach, sceacha a's lusa ag fás ann.

lioscán: *f.1.* múirle, "rud i stoca". Cé chuirfeadh fé n-a thuairm go bhféadfadh sé áit chómh daor leis do cheannach? bhí lioscán i bpoll bradach éigin aige siúd: múirle airgid: bailiughadh na bliadhan i ngan fhios. Ní fuláir nó tá lioscán maith anois agat ar a fhaid do thugais i Mearaice go neamhcaithteach, airighim: cruinniughadh cruinn.

liosta: *a. n-dh.* mall, righin, neamhéascaidh, leadaránach, déircíneach, tnúthach; síor-iarratach; ciapuightheach. Conán maol liosta ná sásóchadh faic é: ciapuightheach ag síorthnúth leis an rud budh dheacair do thabhairt do. Ná beadh deoch gach aonne agat cá taobh bheith chómh liosta san?: deacair a shásamh. Ní hí sin amháin cúis atá agam ort ach na fichididhe ró-liosta le háireamh .i. go gcaithfí iomad aimsire leó. Dá mb'áil leat gan bheith chómh liosta léd scéal cuirfí breis shuime ionat, ach mar tá níl a thón ná a cheann agat: fadálach, mall, míothapaidh. Beir fada anois air, ná bíodh an oiread cainnte agat – ná bí liosta a's beidh an scéal go maith: ciapuightheach lé treasnaghail. Brathaim an-liosta indiu, níl fonn aonnidh do dhéanamh orm: righin, neamhéascaidh, neamh-fhéiceamhanta.

liostacht: *b.3.* maille, righine, tnúthacht, déircínteacht, leadarán. Sid é an sagart ná fuil an liostacht ag baint leis ag rádh an aifrinn, ní bheidh aon ghearba ar do ghlúinibh 'n-a dhiaidh: maille a choirfeadh duine. Dá mhéid uair d'eiteófá é mar a chéile é lé n-a liostacht, bheadh sé ag lorg airís a's airís eile: déine chiapuightheach. Liostacht Chonáin b'é milleadh na Féinne .i. ghá síorchrádh ag lorg a's ná sásóchadh aon nidh é. Táim tnáidhte ge liostacht do scéil, cathain chríochnóchair é?: righine a's faid a aithrise. Is mór an liostacht atá leis an leabhar céadna táthar ag gabháil de anois lé deich mbliadhanaibh: leadarán.

liostathach: *f.1.* duine fuar, díomhaoin. É ag imtheacht 'n-a liostathach a's a chuid ag imtheacht ag príocháin an aoir, gan aon fhéachaint siar aige air: scraiste gan ghnóth gan chúram ag cur tinnis air. Nách tú an liostathach garsúna ná nighfeadh t'aghaidh: buachaill leisceamhail, faillightheach.

lítis: *b.2.* dath gléigeal, geal. "Is caol a braoithe 'sis glan a claon-rosc/ a's a héadan aolmhaigh gan snas ar domhan/ caor a's lítis gan suim ag pléidhreacht/ 'n-a leacain aolmhaigh gach seal le fonn" (An Cailín Donn): luisne a's gile thar barr ag breith bráighe ar a chéile 'n-a cneas.

litir: (**leitir**) *b.5.* comhartha soiléir greanta (gearrtha) nó scríobhtha a chuireas fuaim úrlabhra in iúil; scríbhinn chun duine go mbíonn teachtaireacht éigin innte. Ní aithneóchadh sé leitir thar a chéile .i. an-dhall, an-dhorcha. Litir fholamh í seo a's súil lé rud éigin innte .i. gan airgead. Tháinig litir chugham: scríbhinn lé teachtaireacht. Mhúinfeadh súd do leitreacha dhuit mara mbeadh béasa agat: bunbhrigh atá lé béasaibh.

liúdaidhe: *f.4.* bleácach, "rud bréan", slíománaidhe. Bheadh an liúdaidhe san ag éisteacht a's gan é ghá leigeant air, chun gach aon fhocal a sceinnfeadh d'aistriughadh: duine suarach, sprionnlaithe, meathtach. Faid mo mhéire báine féach, a's ní mór an fhaid sin, ní sheasóchainn ar an liúdaidhe sin: duine ná féadfá muinghin do bheith agat as. Stad stagúin i mbéal beárnan aige, chúl an liúdaidhe ar an nóimint dhéidheannaigh: lé meathtacht do chlis sé.

liúdar: *f.1.* buille maith teann. Is maith a theastóchadh liúdar ón té sin atá ag lorg bruighne, a chuirfeadh 'n-a éisteacht: smíste. Is iomdha liúdar do fuaireas ar mo láimhín ar scoil: buille cruaidh. Bhuail an capall liúdar dá chois deiridh ar an dtrucaill gur bhris í: stiall nó speach. Tabhair liúdar don mhadra san as do shlighe: buail as é.

liúdráil: *b.3.* stialláil, smísteáil, búrdáil. Bíonn an mháthair an-dhian ortha, tugann sí liúdráil dóibh ar an gcúis is lugha: bualadh. Má fuair fear riamh liúdráil teangan fuaireas é, ní raibh aon ainm fén spéir nár tugadh orm: ionsaidhe béil. Fuaireas an-liúdráil ar an bpáipéar mar gheall ar an iarracht do scríobhas: tuargaint, cáineadh trom. Leig dóibh bheith ag liúdráil a chéile, más teasbhach atá ortha ná tagadh aonne eatartha: ag gabháil stealla ar a chéile.

liúdrálaim: *b.a.* buailim, stiallálaim, búrdálaim. Lúdráil sé an t-asal bocht ó thalamh lé bata go mbeadh truagh Mhuire agat do: smísteáil. Liúdráil go maith an t-éadach san leis

an slis, go mbainir an salachar aiste: sliseáil: buail. Éiligheann Sasana a's an Ghearmáin gur liúdráladar a chéile go te ón aer airéir: gur phleanncadar a chéile gan trócaire lé pléascánaibh. Liúdrálfaid an croidhe ge n-a chéile sara stadfaid: tabharfaid bualadh an anama dá chéile. Liúdráil an fharraige an long i gcoinnibh na gcarraigeach go dtí nár fhág meidhil beó lé n-a chéile: bhí ag gabháil uirthe a's ghá stialláil.

liúdramán: *f.1.* crannlaoch leisceamhail; séithleach duine gan fuinneamh ná tapa. Ualach do chur ar an liúdramán san go lúbfadh sé fé!: lom, árd gan chrot nirt ná acfuinne.

liúgh: *f.3.* glam, glaodhach, scread, béic. Leig liúgh féach a gcloisfeadh sé: glaodhach árd do dhéanamh. Ní bhfaghainn lé liúgh ná lé glaodh é: rud éigin do rádh go dtógfí ceann de as scread do leigeant. Leig sé liúgh ar na caoire: bhéic sé in árd a ghotha go dtógfaidís ceann de a's go dteichfidís. Gach aon liúgh aige lé pian: fuaim ghéar árd ghotha. Níl aon liúgh asat (cártaidhe) .i. nílir ag fagháil aon chúige. Is gránda an liúgh atá aige: béiceach neamhmín chainnte. Mara mbeadh sibh go léir do bheith ar aon liúgh amháin b'fhéidir gurbh fhusa dhom friotháilt oraibh: ag lorg i nguth ró-árd. An liúgh thruagha chuir sé as nuair sháthaidh an dochtúir an lannsa ann: scréach a chorróchadh thu. Má chuirir liúgh asat pé scannradh cuirfear ort beidh a fhios duine éigin do bheith ann: gáir gotha a cloisfí go róshoiléir. Deireadh mo choda caithte agam níl aon liúgh eile ionam anois: níl sé ar mo chumas aon rud do lorg dom féin. Chuireadar liúgh mhaoidhte asta nuair chuireadar báire isteach: béic nó glór gotha do cloisfí abhfad ó bhaile. Dein liúgh fé: scréach obann ag fonmhód fé. Dein liúgh air: glaoidh ós árd air.

liúghadh: *f.1.* glaodhach ós árd. Cad n-a thaobh bheith ag liúghadh orm-sa mar sin i gcorplár na sráide .i. ag glaodhach nó ag leigeant béice i gcómhchlos don sluagh. Dá mbeinn ag liúghadh ó shoin ortha ní theichfidís as an bhfoghail: ag béicigh mar bheifeá ag bagairt ortha.

liúghaim: *b. n-a.* glaodhaim ós árd, béicim, screadaim, leigim glam. Liúghas air gan teacht a thuilleadh go raibh sé róchonntabharthach: in árd mo chinn a's mo ghotha ghlaodhas air. Liúigh sé leis an mbuille fuair sé: leig sé glam obann. Liúigh ar na hainmhidhthibh sin: dein glór árd gotha go gcloisid go soiléir thu: bagair ós árd ortha. Liúghas ar chabhair nuair chonnac an fear i gconntabhairt a bháidhte: leigeas béic ar dhaoinibh teacht. Níor liúghais anocht i lár a bhfuil láithreach, cad tá ort?: níor chuireas aon chainnt asat. Cad n-a thaobh gur liúghabhair fén nduine deóranta san?: gur leigeabhair glam mhagaidh fé. Liúigh chun bídh ortha ón ngort: seasaimh in áit éigin go bhfeicfear a's glaoidh i gcomhchlos dóibh teacht. Cuir uait anois, do liúigh sé chómh maith lé duine: ghlaoidh sé ar dhigh ar a uain. Liúigh chughat ar an madra: glaoidh air.

liúghaire: *f.4.* callaire, béiceachán, glamaire. Id liúghaire ataoi ó rugadh thu, cad tá ghod chur ag gol anois: béiceachán. Ag poll do chluaise ní chloisfeá aonne ag an liúghaire sin, ná cuirfeadh duine éigin 'n-a éisteacht é: glamaire: duine a bhíos ag cainnt ró-árd i gcuideachtain. Ní hiad na liúghairidhe a bhuadhas an cluiche: an dream a bhíos ag cur misnigh ar na himirtheóiridhibh. Tabhair bréagán éigin don liúghaire leinbh sin d'fhéachaint an éisfeadh sé a bhéal choidhche: leanbh go mbíonn gol a's pus a's tormas air lé peataidheacht.

liúghaireacht: *b.3.* béiceach, glaodhach árd, glamaireacht, gol. Ná bíodh aon liúghaireacht anois ort, níl aon chúis maoidhte in ao'chor agat, ní raibh ach a rádh gur bhuadhais: glamaireacht. An liúghaireacht a bhíodh againn tímcheall tighe na scoile nuair gheibhimís aitreamh thógfaimís an scailp ded cheann léi: an bhéiceach 'san gleódh ag déanamh súgraidh. Dá gcloisfeá liúghaireacht an mhadra nuair buaileadh é: uallfartach. An liúghaireacht a bhí ar an gcruinniughadh nuair éirigh an taoiseach chun labhartha: gártha áthais a's maoidhte. D'aithneóchadh aonne ar an liúghaireacht a bhí istigh go raibh duine éigin dhá bhualadh: scréachach lé pian. Nuair tá an cath ag dul ródhian anois uirthe, tá sí ag liúghaireacht ar chabhair chun a sábhála ó léir-scrios: ag éigheamh go truaighmhéileach.

liúghachtaint: *b.3.* glaodhach, béiceach bagarthach, screadach. B'é an dá mhar a chéile dhom é bheith ag liúghachtaint an mhadra ar na caoiribh nó leigeant dóibh, táid chómh dána san: ag béicigh 'sag bagairt an mhadra ortha. Má bhí aonne ag liúghachtaint im dhiaidh níor chuala é: ag glaodhach ós árd chun a dtabhartha fé ndeara. Chun fonmhóda a's magaidh do dhéanamh fé chromadar ar liúghachtaint chómh luath a's d'oscail sé a bhéal chun labhartha: ag leigeant gártha ná raibh misneamhail ná taobhach.

liúghtar-éightear: *f. n-dh.* gleódh a's árd-chainnt do-thuigseanta; gáir nách féidir tóin ná ceann d'fhagháil léi. Cuiridh uaibh an liúghtar-éightear a's deintear rud éigin faid bheidh an t-anam sa bhfear, fios do chur ar an ndochtúir nó rud éigin a's gan bheith annsan ag screadaigh 'sag bualadh bas: gártha suaidhte gan fuaimeant. Is annsan a bhí an liúghtar-éightear nuair bhí fear an tighe ar iarraidh a's gan fios a thuairisce ag aonne: gach aonne 'sa chuid gleóidh a's tuairme féin aige. Is amhlaidh mar tá san go mbíonn gach aonne a's a liúghtar-éightear féin aige ar aon scéal ná bíonn cunntas cruinn air: mórán cainnte gan puinn deallraimh léi. Caith uaim é, níl ann ach liúghtar-éightear: iomad cainnte ar bheagán cúise.

liúspa: *f.4.* buille docht, stiall, liúdar. Bhuail sé liúspa dá cheann i gcoinnibh fhalla a chuir réilthínidhe ar a radharc: stiall: buille cruaidh, docht. Dá bhfaghainn aon liúspa amháin de dhorn ort, a smithire, bhí deireadh léd laetheantaibh beatha: buille comhthromamhail. An liúspa a bhuail an dá ghluaisteán ar a chéile chloisfeá tamall ó bhaile é: cnag go raibh fuaim léi. Ná bí gearánach, ní bhfuairis ach liúspa gan éifeacht sa chúl: buille ná raibh puinn fuinnimh leis.

liúspáil: *b.3.* bualadh, stialladh, liúdráil. Ná cnagfá ar an ndoras mar dhéanfadh duine a's gan bheith ghá liúspáil: ag gabháil ar go glórach. Cluiche an-dhian bheidh eatartha san, táid i ndiaidh a chéile lé fada. Chídhfir-se liúspáil ann: tuargaint imeartha gan aon truagh dá chéile. Fuair an chathair liúspáil gunnaidhe móra ar feadh trí seachtmhaine sar ar ghéill sí: réab-bhualadh. Is cuimhin liom go mbítí ag gabháil ar an bpeil i ndíg bóthair fliuch, salach d'iarraidh í do bhreith ó chéile agus maran b'í do gheibheadh an liúspáil: stialláil trom bróg. Chómh luath agus d'fhágadh an máighistir an seómra fúinn féin seadh thosnuigheadh an liúspáil eadrainn: crústáil: gach aonne a's a bhuille féin aige, budh chuma cé ar.

liúspálaim: *b.a.* buailim, stiallálaim, liúdrálaim, smísteálaim. Liúspáladar a chéile go dtí nár bh'aithnid súil ná béal in aonne aca: do bhíodar ag gabháil de bhuillidhibh chómh diabhalta san dá chéile. Seachain tu féin ar dheireadh an chapaill sin, tá sé malluighthe, a's liúspálfadh thu ar phrap na súl: bhuailfeadh lé speach thu. Is annamh lá ná go liúspálann áthraighe aoir Shasana a's na Gearmáine a chéile go gonta: ná go mbíonn cath aca.

lobhadh: *f.* (*-bhtha*) dreódhachtaint, truailliughadh, morgughadh, mortradh, bréantas, othras. An bhean shubháilceach is coróin dá fear í ach an bhean a náirigheadh é is lobhadh 'n-a chnámhaibh í: othar .i. caitheann sí é. Cad é an col atá agat roimis nó cad é do locht air? níl lobhadh ná liathacht air .i. tá sé gan máchail nó slán, folláin, níl olcas tagaithe air maidir lé nuadhacht nó úire, a's níl a dhath caithte aige. Toisc gan gaoth ná aer do bheith aige ach taisreacht a's múchtacht tá lobhadh ag teacht air: dreódhachtaint: ag tuiteam as a chéile lé haois, faillighe, goilleamhaint na haimsire etc. Is mór an truagh do chnámha geala do lobhadh go deó: d'iompódh 'n-a gcré. Mara bhfuil aon tsuim agat ann ach san, fág annsan ag lobhadh é .i. go dtuitfidh as a chéile. Tagann an lobhadh ar na prátaidhibh leis an sioc .i. imthigheann a ndath dhíobh, casaid ar a chéile, a's dreódhaid. Mhaoidheadh sé go raibh airgead ag lobhadh aige .i. na leaga liatha: oiread san de curtha thart aige a's ná raibh aon chorruighe air.

lobhadas: *f.1.* dreódhachtaint, truailliughadh, bréine, blas a's dath do challamhaint a's boladh gránda do theacht ó. Tá lobhadas beag ar an iasc, ní bhfuair sé a dhóthain salainn: iontráil ar olcas in áiteannaibh nách biadh cóir lé n-itheadh é. Mara mbeadh an lobhadas a bheith ann in áit éigin ní dhéanfadh sé beart chómh suarach: truailliughadh fearaidheachta. Dar leis go bhfuil lobhadas éigin i ngach nduine ach ann féin, ná fuil aonne mar é féin lé feabhas: ceal fearaidheachta: suarachais gnímh. Bí díreach leis an té ná fuil láithreach, ní maith an lobhadas so a bheith ag itheadh na feóla fuaire air: neamhfhearamhlacht a's sprionnlaitheacht.

lobhachtaint: *b.3.* ar aiste bheith ag lobhadh. An seól chómh haosta anois go stracfadh aon leóithne é, tá sé ag lobhachtaint: ag dreódhachtaint: an t-adhbhar ag tuiteam as a chéile: é ag imtheacht 'n-a mhionramh. Fágadh na barraidhe ag lobhachtaint sa talamh 'e cheal iad do bhaint: ag feódhadh 'sag tuiteam as a chéile: an suiméar ag imtheacht asta a's na gais a's na planndaidhe ag cailleamhaint a ndatha a's a ngusa. Táid chómh salach san go leigid don éadach lobhachtaint anáirde ar a gcnámhaibh: é d'itheadh leis an salachar go mbíonn boladh uaidh a's go dtuiteann as a chéile.

lobhaim: *b.a. 7 n-a.* dreódhaim, trochluighim, iontrálaim ar olcas, tuitim as a chéile. Níor loibh an mianach fós ionaibh: an mianach nó na tréithe maithe a bhí 'nbhur muinntir táid go láidir ionaibh: níor thréigeadar. Loibh an t-éadach amuigh fén sín: d'imthigh a dhath a's thuit 'n-a shnáithínidhibh briste as a chéile. Lobhfainn sa tigh chéadna sara bhfiafróchadh neach díom an raibh béal orm: d'fhanfainn choidhche gan neach do thabhairt cuireadh bídh ná dighe dhom. "Glaoidh air" – "lobhfaidh sé annsan ar dtúis" .i. choidhche ní chuirfead cainnt air. Ná bíodh aon eagla ort 'n-a thaobh ná go bhfuil sé in áit shábhálta agam-sa ná lobhfaidh a's ná liathfaidh: go bhfanfaidh a dhath, a chrot 'sa bhrigh ann mar tá anois. Lobhfair fén dtuaith sara bhfágfair í .i. táir chómh dlúithte sin léi

ná fágfair choidhche í. Sara lobhfad tá súil agam go bhfaighead cao ar a bhfuil de mhaith déanta aige dhom do chúiteamh leis: sara dtéidhim ’on úir. “Is beannuighthe cuimhne an fhíréin, ach lobhfaidh ainm an drochdhuine” (Seanráidhte X. 7): imtheóchaidh ar feódhadh.

lobhar: *f.1.* duine go mbíonn aicíd thógalach uathbhásach, caithte cneasa air; duine lag dearóil; práta go mbíonn fochal ann nó a bhíos an-shuarach. “Slánuighidh na daoine éagcruaidhe, glanaidh na lobhair, dúisighidh na mairbh, teilgidh amach na deamhain, etc.” (Matha X. 8): na daoine a bhfuil an lobhra nó an aicíd uathbhásach chneasa a’s lúthach ortha. Dá mbeinn silte leis an ocras ní shuidhfinn chun a lithéid de bhórd lobhar gan toirt mo shúl in aon cheann aca: críocháin shuaracha. Mhuise, eadrainn féin, ní ghá chasadh leis é, ’n-a lobhar bheag atá sé ó rugadh é gan toirt gan neart: ’n-a rud dearóil gan neart.

lobhra: *b.4.* cneas-aicíd thógálach, uathbhásach. “Nuair bhíos ar aon duine at, nó gearb nó léas i gcroiceann a chuid feóla amhail pláig lobhra etc.” (Leibh. XIII. 2): claimhe. Tá lobhra éigin air ar a mhinicighe thagann taomacha obanna air go dtuiteann i gceann a chos: galar.

lobhtha: *a.r.* dreóidhte, feóidhte, truaillighthe, bréan. Cad é an mhéaráil atá agat air ach é do cheannach má thaithnigheann sé leat, ní lobhtha ná liath atá sé: é iontrálta ar olcas seachas an lá deineadh é ná a dhath caillte aige. B’fhearr liom bheith lobhtha san uaigh ’ná bheith ag éisteacht leis an ndrochchainnt míobhanamhail sin: dreóidhte: cré déanta díom. Léan id ghéagaibh, maran b’iad na géaga lobhtha iad, gan anam, gan lúth: géaga gan líomhthacht ná fuinneamh. Práta lobhtha ní thabharfainn ar a sheans maireachtana, tá sé chómh suarach san: an geall is lugha ní chuirfinn as. Dá mbeinn lobhtha lé hairgead cabhair ná fóirthin ní thabharfainn air lé gráin air: airgead ’n-a chnocánaibh. Sé an seasamh ar mhaide lobhtha dhuit bheith ag brath ar fhear a chlis ar gach aonne riamh: duine nách féidir muinghin ná iontaoibh do chur as. Ruidín lobhtha dob eadh gach aon lá riamh é, ná cuireadh sé aon iongadh ort é bheith sprionnlaithe: suarach, gan preab. “Agus eisean, imthigheann sé as mar nidh lobhtha amhail éadach ithid leamhain” (Iób XIII. 28): feódhann, díoláithrigheann, spréadhann. Ní bheinn chómh lobhtha san a’s go ndúnfainn mo shúil ar dhuine iasachta i gcruadhtan: neamhphreabamhail. Fan faid mo radhairce uaim, tá boladh lobhtha uait!: do chlódh a’s do ghníomhartha ní taithneamhach liom iad. Is lobhtha an luach a bhí ar ím – réal an púnt!: luach a chuirfeadh déistin ort. An cladach lobhtha lé hiasc indiu: é ’n-a bhréan-bhróin ann. Bead lobhtha an lá gheóbhaidh sé an fear maith orm: im chré .i. choidhche is fearr d’fhear me ’ná é. Rinnis go lobhtha air é, é do bhreith chun dlighe a’s a fhios agat é do bheith chómh dealbh: suarach, sprionnlaithe. T’anam lobhtha! fág me: a dhuine go bhfuil an ghráin mhairbh agam air.

lobhthacht: *b.3.* dreódhachtaint, bréine, truaillightheacht suaraidheacht. An lobhthacht chéadna atá sa bheirt aca, ní fhéadfainn muinghin ná iontaoibh do chur as aonne aca: neamhsheasmhacht. Lé lobhthacht an chreatlaigh ní fhéadfá dul ’n-a ghoire: an oiread san dreódhachtana déanta aige go raibh boladh bréan uaidh. Ar lobhthacht na gcártaidhe atá ag gabháil chugham cluiche ní bhuadhfainn go deó deó leo: a n-olcas. I ndiaidh a chéile d’éaluigh an lobhthacht isteach ’on arm go dtí gur éirigheadar féin chun a chéile:

truailliughadh dílse a's ceal smachta. Lé lobhthacht an leathair do chuir sé sa brógaibh leigheadar ar nós an pháipéir: sár-olcas.

loc: *f.1.* gabhann, ródh, cosc, stad. Ní raibh aon loc i dtúis óige air, a rian indiu air, d'éirigh sé suas 'n-a theallaire gan smacht: cosc: riaghail do chur leis. In aimsir na gannchúise, bhí mórán siopadóiridhe go raibh biadh go leór aca ach bhíodar ghá loc ar dhaoinibh: ghá choimeád gan díol leo. Loc caorach, gabhar, etc.: áit chun a mbailighthe isteach ann 'sa gcoimeád: ródh. Táim i loc anois nách eól dom connus teacht as: i dteannta. "Gleann luic na muice-méithe".

loch: *b.3.* bolg uisce a's talamh 'n-a thímcheall, bléin mhara. Ní mór an eaga chaitheann bád fé thuinn ag dul fé loch: dul fé uisce. Shúngcáil sé ar nós na cloiche, chuaidh fear eile fé loch ag triall air, a's thóg aníos é: lach sé: chuaidh fé uisce. An sliabh go léir fé loch tréis na hoidhche: báidhte (ar snámh lé huisce báistighe). Talamh ró-íseal a's nuair thagann na huiscidhe bíonn sé 'n-a loch: uisce gabhtha lastuas de. "Agus do teilgeadh iad araon beó i loch teineadh ar dearg-lasadh lé ruibh" (Taisb. XIX. 20): log mhór. "Agus do teilgeadh an bás agus ifreann i loch teineadh" (Taisb. XX. 15): áit 'n-a raibh teine bailighthe mar bhíonn uisce locha. Cuireadh an loch amach é mar gheall ar an gcoir a dhein sé: ruaigeadh (ionarbadh) é as an ndúthaigh. Loch bhléineann: át i lag na bléineann. D'imthigh mo scian fé loch uaim: thuit 'on uisce agus d'imthigh as radharc. Chómh ciúin lé loch: an-chiúin. D'ólfadh sé Loch Éirne: lé duine go mbíonn dúil mhór in ólachán aige.

lochadh: *f.1.* áit go mbíonn loch nó locha nó uisce 'n-a stad. Baile, Cam an Lochaidh. Tá lochadh conntabhartha, tá an taoide istigh: imleach cois farraige.

loca: *f.1.* lán glaice d'olainn, d'fhéar, de ghruaig, d'fhlocas; brobh. Bhí an madra ag stracadh 'n-a holna den gcaoire 'n-a locaidhibh: oiread agus ghreamóchadh sé 'n-a bhéal. Dá gcuirtí loca maith olna san oscail theanntóchadh a's theannfadh an ghuala: adhbhar mar bheadh i bhfeirm ceirtlín. An cubhrán ag imtheacht lé gaoith 'n-a locaidhibh: bolgoididhe. Níor fhág sé faic sa tocht ag cuardach ann ná gur thairng amach 'n-a loca a's 'n-a loca: lán a dhuirn. Billidhe 'n-a locaidhibh i ngach póca leis: láin a ghlaice dhíobh. An loca gruaige atá anuas ar gach cluais léi ghá gclúdach: stuaic bheag, dual.

locadh: *f.* (*-ctha*) do chur i ngabhann nó i gcródh; (do) theanntughadh; (do) bhailiughadh in aon ionad; do shárughadh, do chosc; cliseadh, cnúdáil, teannadh, stathadh. An áit seo go bhfuil an claidhe mór, cruinn air, chun caorach do locadh ann de dhruim oidhche dob eadh é: póna: gabhann: áit choimeádta. Scata garsún ag locadh chaorach chun a dtúmtha in aghaidh cnathacha ghá mbailiughadh chun a chéile. An ghaobh róláidir dhúinn ghár locadh isteach sa lúib thalmhan: ghár dteanntughadh in áit chumhaing. Tá rith an tighe seo aige, níl neach ag locadh faic air: ag teacht idir é agus é. Ní fheadar cad tá indiu orm, ní bhfaghaim aon tsásamh in aon rud, gach nidh a chuirim rómham ag locadh orm: ag teip orm. Ó thúis bhí a fhios agam-sa gur locadh do dhéanfá mar ná fuil misneach agat: cúladh, staonadh. Má leanann sé ar bheith ag locadh do chuid féasóige, ní fhágfaidh sé ruibe ort: ag stathadh: ag tarrac uirthe. Ag locadh cíoch a mháthar ghá ndeól.

locaim: *b.a. 7 n-a.* teanntuighim, cuirim i bpóna nó i ngabhann, bailighim i bhfochair a chéile; coiscim, sáruighim, cuirim ó, caithim amach, diúltuighim, staonaim, deólaim, ceilim ar. Riamh níor shaoileas go rabhais chómh doichilleach san a's go locfá an biadh orm: go gcoimeádfá uaim é nó ná tafantófá orm é. Locadh isteach sé fichid duine againn in aon bhothán amháin: bailigheadh isteach ar nós scata ainmhidhthe. Ambáireach locfar caoire an chnuic chun a mbearrtha: baileófar lé chéile iad. Fear nár loic riamh ar aonne roime seo bíodh muinghin anois, leis, as: nár theip: nár chlis air. Ar nós aon sean-stagúin sé áit go loicfeadh sé ort díreach i mbéal beárnan: go meathfadh ort: go gcuirfeadh díombáidh ort. Nuair chuaidh m'ainm 'n-a láthair ag lorg ar nós aonne lé mí-mheas orm do loiceadh láithreach í: caitheadh amach í: diúltuigheadh do ghlacadh léi.

lóchaint: *b.3.* fáinne an lae; lagughadh, camhaoir amhascarnach. Ní rug an lóchaint riamh sa leabaidh air .i. mochóirghe maith é. Díreach agus é ag lóchaint thugas fé ndeara chugham an bóthar é .i. an lá ag gealadh. Bíonn na maideanacha dorcha tréis na Nodlag i bhfad ag lóchaint: an lá ag teacht. Ó lóchaint go cróntráth ag obair: ar feadh an lae.

locair: *b.5.* cúláis i ndeireadh báid nó luinge; i mbád chun mionrud do chongbháil; i luing an áit is saoire taisteal.

lochán: *f.1.* loch bheag, log, linn. Fuair sé an oiread san cuma-bhrughadh agus goirtighthe uatha go raibh locháin fhola ar an mbóthar 'n-a dhiaidh .i. in aon áit go raibh clais nó lag bhí lán d'fhuil. An mhuir ar nós an locháin: an-réidh, an-chiúin.

lóchán: *f.1.* cáith; minmheilt arbhair i ndiaidh loch a's franncach. An iothla 'n-a lóchán ge lochaibh: ithte, gearrtha, laitighthe. D'árduigh an ghaoth léi é mar árdóchadh lóchán: gan aon duadh.

locar: *f.1.* máchail, éislinn, laige. 'Sé nár tháinig aon locar ann ach a sheasaimh go cródhanta faid a's d'fhan aon neart ann: aon laige: teip. Tá earra gan locar anois agat chómh maith agus cheannuigh duine riamh: gan máchail ná locht.

locartha: (**logartha**) *a. n-dh.* seirgthe, caithte, cnaoidhte, mílítheach. Ar an gcuma logartha atá tímcheall do shúl ní fuláir nó tá an iomad áirneáin a's ragairne ag breith ort: cuma chaithte, mílítheach mar bheadh 'e cheal codlata, iomad imshnímh nó tréis cath breóidhteachta. Tréis an bhóthair fhada thaidhbhsigh an capall an-locartha dhom: suaidhte, tairngthe. Ní hiongadh dhom bheith locartha, 'sé sin a deir mo chuid bídh liom .i. gan lasadh fola na sláinte ionam. Ainmhidhthe locartha tréis an gheimhridh go bhfuil a chuma ortha ná raibh aon teasbhach bídh ortha: seirgthe, tráighte.

locardhacht: *b.3.* (**logarthacht**) seirgtheacht, caithteacht as luime, mílítheacht, cnaoidhteacht. Ní féidir leis bheith sláinteamhail ar logarthacht a shúl: iad do bheith súidhte, neamhanamamhail, neambeó. Is furaist aithint ar a locardhacht go bhfuair sé taom trom breóidhteachta: a shúidhteacht a's a mhílítheacht atá a chneas. Tabhair biadh dhóibh a's imtheóchaidh an locardhacht san, líonfaid amach a's tiocfaidh feóil ortha: seirgtheacht a's luime. Ólachán a's ragairne a thug an locardhacht san air: cuma mharbh, mhíonádúrtha.

lóchrann: *f.1.* lampa, lanntaer, solas treóra, ceannródaidhe. Aon rud a deir sé leanfam-ne é, sé ár lóchrann é: ceannródaidhe: treóraidhe. Choidhche ní fhéadfainn meabhrughadh sa doircheacht so gan saghas éigin lóchrainn: solas. Lóchrainn na hoidhche: na réilthínidhe.

locht: *f.3.* máchail, éasc, smál, béim, ainimh; rud éigin a laiteas iomláine; dearmhad, earráid. Ná bí chómh cáiréiseach, bheifeá ag fagháil locht go maidean orm: pé rud a dhéanfainn ná déarfainn bheifeá d'iarraidh a chur in iúil ná raibh sé ceart. Ná mol a's ná dío-mhol daoi mar níl saoi gan locht: an té is fearr againn bíonn rud éigin bunoscionn leis. D'iarraidh a choda féin d'fhagháil atá an duine croidhe istigh, nidh nách locht air: nách féidir milleán do bheith ar 'n-a thaobh. Leas-mháthair a gheóbhadh locht ort mar gheall ar an méid a gheobhfá do ghlacadh: is ródheacair d'aonne a rádh nách é an ceart é. "'Sé a locht a luighead" adeirtear lé haon rud a bhíos go maith ach ná bíonn puinn de ann. "Níl puinn againn lé tabhairt duit, ach an méid atá gheóbhair é" – "is deacair locht d'fhagháil air" .i. cá bhfuil an chúis chnáimhseáin? Is iomdha locht ar an nduine: is iomdha rud ag baint leis ná fuil sásamhach. "Annsan do labhair an t-árdfheadhmanach lé Pharó, ghá rádh, cuimnighim mo lochta indiu" (Gen. XLI. 9) .i. na rudaidhe ná fuil ar mo chumas do dhéanamh chun do shástachta. Aon locht amháin atá air, dúil do bheith sa bhraon aige: máchail. Más locht é, ní locht gan leigheas é: pé máchail, easbhaidh, mí-iomláine atá air is féidir a leasughadh. Níl a bheag ná a mhór de locht agam ort gan taobhughadh liom: aon mhilleán sa domhan. Tá an iomad locht sa bhfreagra do thugais: earráididhe: rudaidhe míchearta. Má dheinir thar mo chrois an tigh d'fhágaint, ort féin bíodh an locht: muirearaighe an ghnímh. Féile an locht is mó atá air .i. tá sé i bhfad Éireann rófhial.

lochta: *f.4.* seómra idir shíneáil a's ceann tighe. Níl aon ghnóth agat de ambliadhna airís, cuir ar an lochta é .i. i gcoimeád in áit ná beidh baoghal air. An cúl-lochta: an chúláis a bhíodh os cionn na teineadh idir an beagán síneála os cionn na cistean a's na frathacha. "...agus do ghlac sé as a bhrollach é agus rug sé suas ar lochta é mar a mbíodh sé féin, agus do chuir 'n-a luighe ar a leabaidh féin" (1. Righthe XVII. 19): seómra anáirde. "Raghad-sa a chodladh in áirde ar an lochta in áitín shocair, shásta": os cionn na cistean.

lochtach: *a.* cáimeach, béimeach, bréagach, dearmhadach, máchaileach. Ím lochtach seadh é gan aon amhras, blas cabhruighthe air: máchaileach: rud as an slighe air a fhágas é gan bheith go maith. Ní hiongadh an tsaoirseacht a bheith lochtach, iogán annso a's lag annsúd mar deineadh an iomad deabhaidh léi: gan í do bheith déanta 'n-a ceart slachtmhar. Ná bí chómh lochtach ar dhaoinibh, dá mbeifí ag gearán ort féin, gheóbhfí cúis mhilleáin go minic ort: ag cur máchailidhe, dearmhadaidhe nó mícheartaidhe chách in iúil. B'é an truagh go deó í bheith lochtach as cois léi – tá sméide bhacaighe innte – budh bhreágh an bhean í: an méid sin cáime do bheith uirthe. Cuireadh an dlighe air toisc tómhaiseanna lochtacha do bheith sa tsiopa aige, bhíodar ádhbhar éadtrom: bréagach. Oibridhe ró-lochtach 'seadh é chun oibre chómh cáiréiseach léi do thabhairt do: claon lé dearmhadaidhibh do dhéanamh. Tá sé lochtach ar an gcuma so go dtagann néalacha droichmhianaigh .i. an méid sin máchaile nó cur siar do bheith air. Líon lochtach ar shlighe éigin seadh é ná marbhuigheann sé iasc: rud éigin bun os cionn leis a fhágas gan mhaitheas é.

lochtóir: *f.3.* duine ró-cheartéiseach. Lochtóir maith thu, nách mór an obair ná faghair díth ná easbaidh ar aon ghnóth leat féin ach ar chuid dhaoine eile. Ná tóg orm é, ní i bhfeighil aon nidh do rádh atáim mar nách maith liom bheith im lochtóir ar aonne ach níor cheart duit bheith chómh borb as do theangain .i. im bhreitheamh dhian ar do chúraidhibh.

lochtughadh: *f.* (*-uighthe*) d'fhagháil cáimis nó locht, milleánughadh, casadh. Is ait an duine é ag lochtughadh gach aonne: milleánughadh, d'iarraidh a ngníomhartha do chur in iúil a's beag is fiú do dhéanamh díobh. Ní hid lochtughadh é ach an oiread atá déanta agat ní dhéanfainn ar chapall é: id mhilleánughadh: ghá chur in iúil gur dheinis go mícheart é. Ag lochtughadh na háite dhuit féin ataoi: ghá dhío-mholadh, d'fhonn a's ná tógfadh aonne eile, a's go mbeadh agat féin níos saoire. Ag lochtughadh an bhídh an scolfartach ná feacaidh a dhóthain riamh lé n-itheadh: ag gearán ná fuil sé maith a dhóthain do. Nílim ag lochtughadh an scéil in ao'chor ort-sa mar ná fuil agat ach mar chualais: ghá chasadh leat: ghá rádh gur tu is bun leis an aithris sin. An lochtughadh céadna budh cheart do bheith ar an mbeirt againn, níor dheinis-se aon rud nár dheineas-sa: milleánughadh. Tá an áit chun lochtuighthe chun na fírinne d'innsint, tá an cíos róthrom, rómhuirearach air: tá sé lé cáineadh ar a shon san. Má snoighir a thuilleadh an maide, ghá lochtughadh do bheir: ag déanamh ruda leis a fhágfaidh máchail nó béim éigin air ná beidh chómh maith agus tá sé. Gan amhras tá fir ann níos fearr 'ná é ach is deacair é do lochtughadh: aon rud d'fhaghail a bhaineas leis do cháineadh.

lochtuighim: *b.a.* gheibhim cáimeas, easbhaidh, díth, ceal air, cáinim, milleánuighim, dío-mholaim. Is é a lochtuigheann ar fad é, pé maitheas a dhéanfadh sé dhuit go maoidhfeadh sé ort é: cháinfeadh é. Ní lochtóchadh sé ar fad é, é bheith teasaidhe, is minic gur b'é a lithéid is dírighe a's is féile: ní dhío-mholfadh san é. Lochtuigheadh an t-iasc toisc a fhaid agus bhí sé marbh a's ní cheannóchadh aonne é: fuairtheas cáimeas air. Cé lochtóchadh é gan a chuid do chaitheamh ar gach aon bhod an bhóthair a theangbhóchadh air?: a thabharfadh milleán do. Ná lochtuigh orm-sa nár éirigh léd mhac, dheineas-sa mo dhícheall chun a mhúinte: ná cuir an chúis orm-sa. Lóchtófar me, is dócha, i gcóir na bearta so toisc an méid aoise atá agam: beidh san im choinne a's diúltófar me. Ní lochtóchadh sé duine braon a's dhá bhraon d'ól ach gan dul thar cailc ar fad: budh dheacair a chasadh leis go raibh sé ró-mhí-cheart. An lá dubhrais gur fear mór dlighe lé n-a chómharsanaibh é, lochtuighis in aonfheacht é .i. in aon iarracht amháin cháinis thar fóir é.

lochtuighthe: *a.r.* dío-mholta, cáinte, dí-mheastuighthe. Má tá stailc sa chapall san mar deirir tá sé lochtuighthe in aonfheacht agam .i. is cuma cad é an díth eile atá nó ná fuil air sin é a dóthain. Tá an cuan san lochtuighthe ná fuil greim ancaire ceart ann: cáinte. Ní mise aonne amháin ach an saoghal mór go bhfuilir lochtuighthe aige mar gheall ar bheith bruigheantach: dío-mholta: cáinte: milleánuighthe.

lodar: *f.1.* áit shalach, phludaigh, salachán, breillis. Nách é an lodar gan mheas air féin é ag teacht i láthair an phobail gan bearradh, gan glanadh: breillis. Féach an tslighe atá

áruistidhe an bhídh id dhiaidh, a lodair, gan nighe gan glanadh: duine neamhghasta. Táir chómh barcach lé muic ó bheith dot iomlosc féin sa lodar: pluda a's draoib a's salachar.

lodarach: *a.* salach, pludach, uisceallach, liosta, leisceamhail. Bheifeá ag brath ar an rud lodarach san go ceann bliadhain ó indiu sara dtiocfadh sé: leisceamhail, righin. Nách lodarach an leanbh thu, féach ar na lámhaibh salacha atá agat: claon lé neamhghlanachar. Sin é an bóthar is lodaraighe dár shiubhlas lé fada, raghadh pluda go haltaibh ort ann: is sailiche.

lodar-bholg: *f.1.* bolg borrtha, bog. Tá lodar-bholg air ó dhíomhaointeas 'sa bheith ag itheadh a's ag ól gach aonnidh dá fheabhas: bolg thar cuimse lé méid.

lodar-bholgach: *a.* mór-bholgach a's borrtha, bog. Ní dhéanfaidh an coileán lodar-bholgach san madra maith choidhche, tá sé 'n-a airceachán ar fad. Is do nách iongadh bheith lodar-bholgach: ag déanamh airceacháin de féin lé biadh gach lá den tseachtmhain: borrtha, aindeis, bog as a bholg.

lodardha: *a. n-dh.* draoibeach, bog, pleidhceach, aindeis, bóitseach, liobarnach. Tá an fheóil an fhaid sin ar an dteine go bhfuil sí lodardha: ag tuiteam as a chéile: leactha. Bean throm lodardha lán d'fheoil ó bhathas go trácht, ar crith nuair shiubhlann sí: bóitseach aindeis mhná. An casán ró-lodardha lé siubhal air, shaileóchadh sé thu: lán de dhraoibh. Nách lodardha an siubhal atá aige, é sall 'sanall: aindeis, tuathalach.

log: *f.1.* áit, ionad, ródh, cuas, logall, lochán. Log mhór uisce i mbéal an dorais: lochán: linn bheag. Tá sé sa log chéadna fós gan corruighe 'n-ar fhágais indé é: san áit nó ionad chéadna. Go bhfóiridh Dia air, dá bhfeicfeán an log chodlata atá aca san, ní mhairfeadh na cait ann – úrlár fuar cré i mbothán deataigh: an t-ionad chun luighte. Log mhaith mhóna seadh an sliabh san: ionad maith. Is maith an log iascaigh atá amach ó bhéal an chuain: áit go bhfuil mórán de lé fagháil. Leigheadh na log ort (drochghuidhe): na súile go n-imthighidh lé galar éigin a's ná raibh agat ach na cuasa. An lá caillfear me deintear log dom féin: poll: uaigh. Tá sé i bhfad tréis an mheádhon oidhche, tá log mór den oidhche caithte: cuid mhaith: tá sé aosuighthe go maith. Leis an méid leanna duibh d'ól sé d'fhan sé 'n-a log ar a chroidhe: 'n-a ualach trom. An bhuadhairt do cuireadh air fadó d'fhan 'n-a log ar a chroidhe ó shoin: go trom-ualaigh. Tá log mhaith talmhan annsúd aca: feirm mhór go maith. Ní fheicfeá an tigh ón mbóthar, tá sé thíos i log: clais: isleán doimhin.

loghadh: *f.1.* maitheamhnachas, maitheamh, príbhléid, grást. Loghadh páirteach, iomlán. Má dhein carthanacht do é tá loghadh fachta 'n-a pheacaidhibh aige: maitheamhnachas. Nách mór an loghadh ó Dhia dhúinn teacht ar an dtobar so a's an t-íota tarta atá orainn: ádh: grásta. Siúd é an máighistir dian ná tabharfadh aon loghadh dá bhuachaill aimsire: aon tsaghas pribhléide. Is baoghalach ná fuil aon loghadh lé fagháil agam uaidh, tá an iomad cúise aige orm: maitheamh.

logall: *f.1.* ionad, clais nó cuas na súl. An cloigeann a's gan ann ach na logaill: na puill shúl. Is cuma dhóibh ach logall súl méith do bheith aca a's poll tóna giobalach .i. bheith

ag itheadh a ndóthana, go breágh díomhaoin dóibh féin gan an tsuim connus mar thaidhbhseóchaidís maidir lé héadach. Níl aon bhaoghal, mhuis, ná go raibh buadhairt uirthe, níor fhág an deóir an logall aice: bhí sí ag caoidh.

logán: *f.1.* clais bheag, ísleán (talmhan), gabhlán beag farraige. Tagann mórán brádán isteach 'on logán chun teacht aníos ar an sruth. Comhnuighimíd sa logán chéadna: ball. Bhíodar ag gabháil lé stacánaibh sa cheann air gur dheineadar logáin ann: claiseacha.

lóghmhaireacht: *b.3.* fiúghantas, luach mór, maith, mórdhacht, oirdhearcas. Ní fios d'aonne ach lóghmhaireacht a bhfuil de rudaidhibh i dtrufais na dtighthe atá leagtha i gcathrachaibh sa chogadh so: saidhbhreas: ionmhas. Chuirfeadh sé aoibhneas ar do chroidhe féachaint ar lóghmhaireacht a súl: fíorbhreághthacht. Lóghmhaireacht a pearsan b'é iongtas a ré: mórdhacht. Leath a radharc air nuair chonnaic lóghmhaireacht an tseómra 'n-a ráinig sé, níor shaoil sé go raibh an oiread d'ór a's d'airgead sa domhan uile: uaisleacht a's luach.

lóghmhar: *a.* ró-luachmhar; lonnrach, mórluaighe. Chuirfinn ar mo stór seóda lóghmhara: daora, luachmhara. Cloch lóghmhar éigin a chuaidh na mílte púnt: mórluaighe. Ní raibh ball dá raibh uirthe nár lóghmhaire 'ná a chéile: budh lonnraighe: go fíor-áluinn.

lógóireacht: *b.3.* gol árd, caoi, caoineadh, liúighreach. Cúis thruaigh dob eadh iad ag lógóireacht ar bhás a máthar: ag gol go hárd a's go fuidheach. A's é óg chaith sé a shaoghal 'n-a shumaire bheag, mhílítheach ag lógóireacht: ag síorscreadaigh 'sag gol. Beir-se ag lógóireacht gen dtigh sin sara mbeir réidh leis ar an slighe táir ag caitheamh airgid leis: cuirfidh sé ag caoineadh thu: beidh a aithreachas ort gur thairngis ort riamh é. Ag lógóireacht ar an gcorpán: ghá chaoineadh. Ní maitheas bheith ag lógóireacht nuair bhíonn a bhotún déanta ag duine: bheith buadhartha 'n-a thaobh.

loghtha: *a.r.* maithte. Peaca so-loghtha: peaca is furaiste do mhaitheamh: so-mhaithte. Tá gach aon rud loghtha dhuit: maithte dhuit.

loiligheach: *b.2.* bó bhainne. Bíonn fiche loiligheach aca: ba bainne.

loime: *b.4.* nochtacht, gan chlúdach, fás bochtnacha, dealbhas, ceal, gan feóil. Ní cheannóchadh aonne na beithidhigh lé n-a loime, ní raibh spiota fiadha ortha: ceal feóla. Níl aon rud ag teacht leis an aindeiseóir ach loime a phóca: dealbhas: ceal airgid. An loime ná féadfadh sé lán na pípe thobac do cheannach do féin: fíor-dhealbhas. Ar loime a chuid éadaigh d'aithneófá ná fuil puinn de speilp an tsaoghail air: a chaithteacht. Is mór mar dhruideadar le loime do dhream ge raibh oiread de rachmas an tsaoghail seal: le ceal. Loime na talmhan sa dubhluachair: ceal fáis, féir, etc. Loime na farraige gan breac éisc lé fagháil innte: seascacht: seisce: ceal tortha. Ní lé n-a loime ná go mbeadh neart ann: ceal ruda do bheith ar an gcnámh aige. Ní raibh fáilte ar bith rómham ar a loime do thána chúcha: gan faic nó puinn do bheith agam. Loime na bhfallaidhe a's na cistean chuirfeadh sé maoithneachas ort leo: a luighead troscáin a's áruistidhe do bhí aca. Ní phósfadh sí é, lé loime a chinn, bhí sí chómh cáiriseach san: ceal gruaige. Caithfidh na daoine féachaint

rómpa féin i rith an chogaidh seo, tá gach aon rud ag dul chun loime: tá easbhaidh ag teacht ar ghannaidhibh na beatha.

lóimín: *f.4.* gruamachán, duadáinín. Má tá rud ar domhan is beag orm is lóimín é: duine beag nách féidir do shásamh.

lóimíneach: *f.1.* duine neamh-anamamhail, aimlidhthe; duine tuathalach, mío-mhúinte. An goirtighthe ataoi go bhfuilir id lóimíneach, níl tarrac na coise id dhiaidh ann. Féach ag cur an chlaidhe dhe é ar nós an phartáin, nách é an lóimíneach é: duine neamhéascaidh as a ghéagaibh. Ó tá sé goirtighthe chómh mór a's tá ráidhte tabharfaidh sé an chuid eile dhá shaoghal 'n-a lóimíneach: aimlidhthe. Searr tú féin, a's cuir lúth id ghéagaibh, ná bí id lóimíneach i slighe na ndaoine: duine tuathalach. Nách é an lóimíneach ag siubhal an bhóthair é: mall, míothapaidh, gan scuabadh. An chainnt ghiorraisc atá ráidhte anois agat, ní déarfadh aonne ach lóimíneach nár bh'eól a mhalairt do: duine tuathalach.

loimpré: *f.4.* riar lom, fiadhantach, séithleach. Cad tá ann idir dhá chnoc annsúd ach loimpré ná faghadh an naoscach féin a dhóthain lé n-itheadh ann: sliabh lom. Cuireadh an iomad stuic air, tá a rian air, tá an áit 'n-a loimpré aca gan blaiseadh a bpuis lé fagháil aca ann: lom síos go cré. Is mór chaoluigh a's lomuigh sé lé tamall tá loimpré déanta dhe: rud lom, seirgthe, caithte.

loingeas: (**luingeas**) *f.1.* mórán long, cabhlach. Loingeas trádála, cogaidh, iascaigh: áthraighe.

loingseóir: (**luingseóir**) *f.3.* máirnéalach, maraidhe, píleóit. Loingseóir chómh maith a's sheól riamh an bhóchna: maraidhe: fear ionnramhála luinge.

loingseóireacht: (**luingseóireacht**) *b.3.* seóladh long nó bád; ealadha stiúrtha a's treóra long ar muir nó san aer. Tá cosc ar loingseóireacht ar an abhainn tá leac oighir uirthe. Budh chliste an loingseóireacht don gcaptaen a rug bád fé thuinn isteach ameasc carraigeach in áit ná raibh riamh roime sin: an t-eólas cruinn stiúrtha, treóra a's aire do thabhairt d'árus mara.

loinithe: *f.4.* bata meidre chun an uachtair do shuathadh innte. Tráigh an loinithe .i. go bhfuil beannán beag i lár na linne ann: an loinithe féin an beannán.

loinnir: *b.5.* gealas, lonnracht, gléas, gile. D'fhanamair ag seanchaidheacht go loinnir lae: teacht lae. Ar an loinnir atá 'n-a shúil tá áthas mór éigin air: solas glé. Loinnir an airgid bháin: gléas.

lóipéis: *b.2.* ceirt, giobal; duine neamhghasta. Riamh ní fheaca thu gan lóipéis ort: rud éigin ar sileadh. Is mithid dom culaith nuadh d'fhagháil, tá sí seo 'n-a lóipéisidhibh ar mo chnámhaibh: imthighthe 'n-a giobalaibh. Ní chuireann sé aon tsuim 'n-a dheallramh, tá lóipéis ar fad déanta dhe, ní bhíonn sé nighte ná bearrtha ná a chuid éadaigh go slachtmhar air: duine faillightheach, neamhghasta déanta dhe.

lóipín: *f.1.* stoca gan trácht na buimpéise (caithtí iad i gcosaint seaca a's sneachtaidh), ceirt nó giobal a bheadh ar sileadh lé rud; locht; máchail; smál; éislinn, snag etc. Tá brat sneachtaidh lóipín ar an dtalamh tréis na hoidhche: slámaidhe boga sneachtaidh. Bean í sin atá ábalta ar a gnóth tighe do dhéanamh go críochnamhail, deirim-se leat ná fuil aon lóipín ar aonnidh 'n-a diaidh: neamhghastacht, ná fuil "aon rud ar sileadh" le n-a cúram. Faigh soisiúr a's bearraidh an lóipín atá as do chasóig: giobal ar sileadh léi. An óráid a thug sé uaidh ghá mhíniughadh dos na feirmeóiridhibh an gábhadh trom a bhí lé breis churadóireachta toisc an chogaidh, níor fhág sé aon lóipín ann: aon lúb ar lár: aon rud go bhféadfí locht d'fhagháil air. Is deacair é do thuigsint, tá lóipín ar a theangain, a's beireann an-dhuadh air é féin do chur in iúil: tut-bhalbhacht: snag: stad úrlabhra. Dá mbeitheá d'iarraidh aonnidh do mhealladh uaidh seadh bheadh a fhios agat an bhfuil aon lóipín ar a inchinn aige: máchail shaontachta. Mo ghradhain chroidhe thu! is tú nár fhág aon lóipín air ghá ghearradh amach dóibh: a rinne é ar chuma ná fuil locht na cáim air. Sara bhfágair i gcóir do thuruis, cuimhnigh ort féin, féach an bhfuil aon lóipín ar aon rud i ngan fhios duit: dearmhad nó faillighe déanta agat in aon nidh. Is iomdha san lóipín ar sileadh leis: is iomdha iomard air féin a's ar a chúram trí fhaillighe a's ceal críche.

lóipíneach: *f.1.* duine neamhghasta, mío-chúmtha, straoilleach. Maidir lé haon rud go n-oirfeadh snastacht nó líomhthacht 'n-a dhéanamh níl ionat ach lóipíneach: duine ná féadfadh slacht do bhur ar rud. Aon lóipíneach is mó 'ná é i mbád is deacair d'fhagháil, bheifeá i gconntabhairt do bháidhte aige: duine gan gastacht ná anamamhlacht. A ceann mór, a cosa cama, 'sa corp beag, slán mo chomhartha, tá sí 'n-a lóipíneach mar sin i gcómhnaidhe: duine mío-chumtha.

loirgim: *b.a.* iarraim (ar), cuarduighim, leanaim, cuirim tuairisc. Nuair bhíonn rud ar iarraidh nó ar iasacht a's gan fagháil air, deirtear "loirg (loirgim) anois é" .i. bheadh sé chómh maith agam mo shúil do chur de. Loirgeadh chúig phúint air ar iasacht agus ambasa thug: iarradh. Loirgeas deoch dhá uair cheana, friothál orm léd thoil: d'iarras a tabhairt dom: ghlaodhas uirthe. Loirg (an biadh) airís: iarr: glaoidh ar. Ná loirg ag obair me mar nách fiú liom ort teacht chughat: ná hiarr orm. Loirg sé an scoil ach heitigheadh air í: chuir iarratas a faghála isteach. Ná loirg a thuilleadh anois, níl blúire eile eolais agam: ná cuarduigh me chun feasa do thaighdeadh asam. Loirg, cá bhfaghair?: téighir ar thóir an rud atá deacair d'fhagháil. Loirgeóchad ins gach aon áit go bhfaghad é nó raghaidh díom .i. bead go dian, dícheallach ar a thóir, in árd a's in íseal. Ar loirgis dóigh ag andóigh dho?: ar chuarduigheas gach áit do. Loirgeadh a raibh ann againn chun bídh: tugadh cuireadh dhúinn. Ná bíodh eagla ort ná gur cainnteóir slachtmhar é, ná loirg 'n-a dhiaidh é: ná bí ghod bhodhradh féin ag cuardach fir is fearr, mar ná fuil lé fagháil: ná hiarr 'n-a dhiaidh é. Cé loirgeóchadh 'n-a dhiaidh inchinn do bheith aige, nách shin é budh dhual do: cé bheadh ar a tóir in aon áit eile. Loirg annsan (é) a mhadra: cuarduigh é ann. Ná loirg aon ghalántacht air sin, mar ná fuil sí ann: ná bíodh súil agat léi uaidh. Ná loirg do ghlóire féin: ná bí d'iarraidh thú féin do chur os chionn chách. Ná loirg a's ní heiteófar: tabhair iarracht ar gan bheith fé chomaoin ag neach. Go loirgeochainn-se an cailín sin, beach mar í, nár chás dom: go n-iarrfainn mar chéile í. Más ceal eólais atá air loirgeadh sé é .i. ní bhfaghaidh sé cunntas ná éachtaint annso, leanadh a shrón i mball éigin eile. Dá loirgighinn Éire do mhacashamhail eile ní bhfaghainn: í do chuardach

d'iarraidh a fhagháil. Sin é saghas duine é, ná loirg faic air .i. ní thabharfadh faic in aisce ná ar iasacht ná ar cáirde.

loirgneach: *a.* ag baint leis an gcuid thosaigh den gcois ón nglúin go halt. Maidir lé cosaibh de tá sé faid-loirgneach a dhóthain: cosa fada fé. Éan faid-loirgneach seadh an corr-iasc: cosa caola, fada fúithe. Tuagh fhaid-loirgneach: go mbeadh cos an-fhada innte. Tugann sé coiscéimeanna faid-loirgneacha: truslóga fada, groidhe. É chómh caol-loirgneach san go ngearrfaidís (na loirgne) tobac duit: gan aon toirt 'n-a cholpaidhibh.

loirgneán: *f.1.* cosaint don lorgain. Ní mór duit loirgneáin ag imirt 'n-a gcoinnibh sin, táid chómh fealltamhail sin.

loirgthe: *a.r.* iarrtha, cuarduighthe, séirseálta, tóruighthe, a thuairisc curtha. Ó thóin ceann, tá an áit loirgthe agam do, gach poll a's póirse: cuarduighthe. Láthair tighe loirgthe agam san log san: iarrtha agam: a chunntas curtha agam an bhfaghainn í. Ar fhiche duine tá an tslighe loirgthe agam: fios eolais na slighe curtha agam. M'inghean loirgthe gen ndailtín sin gan chrích gan áird: iarrtha mar chéile. Tá an ceanntar loirgthe aca d'arbhar: cuarduighthe. Tá sé loirgthe go maith agam, níl aon rud ar eólas aige ná go bhfuil fachta amach agam: ceistighthe: a chuid feasa leanta, nochtuighthe agam. An bhfuil an leabhar so loirgthe ag aonne ort?: mara bhfuil tabhair dom lé léigheamh. Foghla mara go bhfuil an fharraige loirgthe dhi gan breith uirthe: i ngach áird bhítheas ar a tóir. Dathad púnt atá loirgthe ar an gcapall aige: an méid sin airgid do theastuigheann uaidh air. Deich scillinge ist ló atá loirgthe aige: iarrtha mar thuarastal. An bhfuil cabhair loirgthe agat chun na hoibre seo?: an ndubhraís lé haonne é do theacht?: ar fhiafruighis an dtiocfadh aonne?

loisceach: *a.* a dhógfadh, scólfadh. Fan amach ón dteine loiscigh sin nó fágfaidh sí cimiar ort: dóighteach: do mhillfeadh nó laitfeadh lé n-a goilleamhaint. Cad is loiscighe 'ná uisce beirbhthe?: is mó a mhillfeadh an cneas a's an fheóil.

loisceán: *f.1.* dóghadh, scóladh, milleadh; rud éigin a bheadh ag goilleamhaint ar an aigne. Loisceán cléibhe ort!: iomard éigin laistigh ort a bhéas ghod dhóghadh ar nós na teineadh. Ar a chorrthónaighe ataoi indiu tá loisceán éigin ort: rud éigin ag dóghadh do ghirbe: míoshuaimhneas buadhartha. Loisceán ort ná héisteóchadh!: milleadh dóighte ort.

loisceanta: *a. n-dh.* iomardamhail, cráidhteacht, dásachtach, dóighteamhail. Móin loisceanta í sin, mar tá gainnimh tríthe, ní fheadair aonne ach an teas atá innte: a dhóghfadh go smior duine. Is loisceanta an scéal agam é, gan pingin tuarastail d'fhagháil uaidh tréis mo bhliadhna ag obair do: cráidhteach: ró-chiapuightheach. Cuideachta ró-loisceanta do dhuine chiúin iad san, ní théigheann lag ortha ach ag lorg imreasa: táid ródhásachtach. Saoghal an-loisceanta a chaith sé gan suaimhneas ná subháilceas beatha: iomardamhail. Is loisceanta an duine thu .i. míoshuaimhneach, ciapadh seadh thu.

loisceantacht: *b.3.* iomardamhlacht, cráidhteacht, duadh. Loisceantacht seadh bheith it fhocair mar ná fanair socair ná ciúin mar dhéanfadh aonne: is iomard a's duadh ar aonne bheith ag bruic leat. Chuir sé loisceantacht ar chroidhe an fhir bhoicht an tslighe go raibh

a dhreatháir ag déanamh go hait: dóghadh, buaidhreamh dóighte. Mara mbeadh a loisceantacht liom ní fhoidhneóchainn do chuid tarcuisne .i. mara mbeadh ná taithneóchadh sé liom do dhíth do dhéanamh. Loisceantacht ar aonne a chuid do dhul 'n-a choinnibh: dóghadh a's milleadh croidhe a's aigne.

loiscim: *b.a. 7 n-a.* dóghaim, scolaim, millim lé neart teineadh, dóghaim 'n-a luaith, ciapaim, crádhaim. Sé an rud a loisceas mo chroidhe ar fad, cá bhfaghaid na billiúin chun cogaidh do dhéanamh agus lé linn dubhluachair go leigid dos na daoinibh bheith ar barrghail gorta: a chlipeas me d'iarraidh é do thuigsint. Loisceann an gluaisteán so me d'iarraidh í do chur ar siubhal, bíonn sí chómh mall san ag téidheamh: crádhann me. Loiscfead an croidhe fós ann ar shlighe éigin, tá oiread san díomais agam chuige: bead ag gabháil de go mbainfead a mheabhair de. Loisceadh 'n-a mbeathaidh triúr aca nuair chuaidh an tigh trí theine: deineadh luaithreán díobh. "Níor loisc seanchat é féin riamh" .i. an té go mbíonn taithighe aige tugann sé árd-aire ar bhrath roimis ar eagla go mbéarfí amuigh air. Loiscfeadh sé thu bheith ag éisteacht uaidh leis an saghas céadna cainnte do shíor: gheobhadh sé tríot. Loiscfeadh an fear céadna lé n-a chuid seóidh thu: bhrisfeadh sé do chroidhe ó bheith ag gáiridhe fé. "Allus a mhailidhe féin a loisceas gach n-aon": is ar dhuine féin amháin do ghoilleann a chúrsaidhe buadhartha. Ná loisc thu féin!: seachain teas ruda éigin. Dá bhfaghadh a máthair i ngiorracht don tigh thu ag suirghe lé n-a hinghin loiscfeadh sí leis an uisce te thu: níl aon chion amugha eadraibh: ní taithneamh léi tu. Loisceadh go maith sa dlighe é: chuaidh sé an-dhian air. Loiscfidís a chéile .i. tá an ghráin mhairbh aca ar a chéile. Loisc an ghrian an talamh, ní raibh ruibe air ná raibh barr-dhóighte. Loiscfidh an talamh do bhuinn mara gcuirir do bhróga ort: tiocfaidh dóghadh talmhan ort: leac chruaidh go mbeidh griofadach the innte. Ná loisc me leis an bhfear san: ná clip me le síorthagairt do.

loiscneach: *b.2.* áit mar taobh cnuic a bheadh dóighte a's ná beadh ann ach préamhacha craoibhe etc., nó dóightear go minic. Ag breith brosna ón loiscnigh: préamhacha láidre. Caoire na loiscnighe .i. a ghnáthuigheas a lithéid d'áit.

loiscnighe: *b.4.* déine teasa. Lé loiscnighe an tighe a's é trí theine ní fhéadfá dul in aon ghiorracht do: teas uathbhásach ag teacht as.

loiscreán: *f.1.* tóiteán, dóghadh, milleadh teineadh; arbhar cruaidhte lé teine; áit cóirighthe i gcóir arbhair do chruadhadh. Loiscreán dubhach ort! (eascaine): milleadh trom ort a ghoillfidh go mór. Is mithid don arán bheith bácálta, tá sé 'n-a loiscreán a fhaid atá sé thíos: luaithreán déanta dhi. D'admhuigheadar gur deineadh loiscreán den gcathair ón aer: gur dóghadh a furmhór mór: scrios mór teineadh. Craobh, aiteann ná fionán níor fhág an loiscreán ar shlios an chnuic gan dóghadh: tóiteán mór, fairsing. B'é an loiscreán leis scaramhaint lé rud go raibh an oiread lúib istigh aige ann: an scian tríd an gcroidhe: greadadh aigne agus croidhe. "Ar chualaís gur briseadh cos Thaidhg?" – "mo loiscreán é!" .i. níl aon mhairg orm 'n-a thaobh. Má thagann breis ghainne ar chruithneacht beam ar arán loiscreáin: arán go gcruadhfí an gráine lé teine 'n-a chóir.

loiscithe: *a.r.* dóighte, barr-dhóighte, balcuighthe. Mo chroidhe loiscithe agat léd chuid scéaltaidhe; cráidhte, clipighthe. Bím loiscithe ge dathachaibh, ní fhágaid de ló ná

d'oidhche me: cráidhte, céasta. Mara n-athruigheann an aimsir a's go dtagann bogradh beidh na barraidhe loiscithe: dath ruadh tagtha ortha a's iad millte. Is agam a bhí an croidhe loiscithe nár bhuailis liom a's me ar do lorg go piaclach: tinn, cráidhte. Táim loiscithe agat!: dóighte lé rud éigin te. Loiscithe gen saghas fir atá agam ag lorg airgid orm moch déidheannach: ciapuighthe. An tigh loiscithe go talamh: 'n-a luaithreán: gan pioc de ann. Táim chómh loiscithe leis an dteine ó bheith ag feitheamh leis: níor bh'fhéidir me do bheith níos imshníomhaighe 'ná níos ciapuighthe.

loisctheach: (**loiscitheach**) *a.* dóighteach, cráidhteach, ciapuighthe, scólta. Is loisctheach an rud lasán dá luighead, bhrathfá go maith é: dóighteach: a chuirfeadh ríog the péine tríot. Tá sé chómh loisctheach de rud agus is féidir bheith ag feitheamh lé duine in áit phoiblidhe a's gan é ag teacht ort: clipighthe, ciapuighthe. Tháinig aimsir loisctheach gan aon bhraon báistighe ar feadh i bhfad, go raibh an talamh 'n-a bhalc a's toibreacha i ndísc: spallta. Bíonn an iomad tobac loisctheach ar mo theangain: bíonn sé dóighte, tirim 'n-a dhiaidh.

lóiste: *f.1.* súmadán díomhaoin, búiste, daoiste. Níl biadh ná beatha ar a chuid talmhan tréis na bliadhna gen lóiste nár chorruigh lámh ná cos leis chun saothair: scraiste fuar, díomhaoin. Ná cuir aon nath cad déarfaidh an lóiste sin, mar ná fuil fios a mhalairt aige: búiste gan mhúineadh. Níl san 'n-a lóiste chómh mór a's do leigeann air é: duine a bhíos ag dúmas aineólais ar adhbhar éigin.

lóisteamhail: *a.* fuairthéach, leisceamhail. Go lár an lae 'n-a shliasta ar an leabaidh d'fhanfadh, gan fear ar t'aithne níos lóisteamhla 'ná é: leisceamhla. Lóisteamhail i dtaobh gach aonnidh, deireadh curtha ges na cómharsanaibh nuair thosnuigheann sé: fuairthéach, manaoiseach.

lóistín: *f.4.* áit do dhuine chun cur fé ar feadh oidhche nó scathaimh níos sia ar áirighthe airgid; cóir bhídh a's leapan. Bean lóistín i Sráid Eóin: go bhfuil tigh aice chun aoidheanna do choimeád ar feadh oidhche nó breis aimsire. Annso tá mo lóistín: is annsan do chuirim fúm. "Níl aon rud dob fhearr 'ná fanacht ar lóistín ar fad ann", deirtear lé duine a chaitheas cuid mhór dá aimsir i dtigh nó in áit áirighthe. Ní bhfaghadh aon fhear siubhail lóistín ar an mbaile céadna, sin é fáth gur baisteadh "dún an doras; múch an solas" air, lé doicheall roim thaistealaidhthe. Dá bhfaghainn an trócaire, féach ní bheinn ar aon lóistín leis: ag cur fúm in aon árus leis. Tigh nár diúltuigheadh riamh lóistín oidhche ar aonne ann: bheith istigh a's cóir do chur air. Nára diúltuightear lóistín na bhflaitheas ort: ar neamh go mbí t'anam.

lóistíneach: *f.1.* duine a bhíos ar lóistín. Bhí an scéal go maith gur éirigh idir na lóistínigh a's annsan do bhí sé 'n-a thigh tranglaim.

loitighthe: *a.r.* máchailighthe, millte, curtha gan mhaith. Tá an scéal loitighthe agat, teacht treasna air a's gan a leigeant do é a innsint ar a chuma féin: millte: an mhaith bainte as. Iasc loitighthe é sin, árduigh leat ní mór is fiú é: iasc atá briste nó a lithéid, a's ná fuil ionmhargaidh. A aghaidh go léir loitighthe gen mbóthar mar ar thuit sé: goirtighthe: gearrtha: scríobtha. Beidh do gharsún loitighthe ort gen ndrochchuideachtain

atá sé choinneáil mara séanann sé í: truailleóchaidh siad é: déanfaid drochbhuachaill de. An iomad peataireachta go bhfuilir loitighthe aige: go bhfuil cosc curtha ar dheaghmhúineadh a's béasa ionat. Táim loitighthe ged chártaidhe: curtha dem threóir. Cathracha loitighthe lé pléascánaibh: scriosta, millte. Me féin atá loitighthe agam féin a's ní haonne eile: mé féin a rinne mo dhíoghbháil féin. An seómra loitighthe ag iomad troscáin: tá cur siar déanta ar a shlacht a's a mhaise.

loitim: *b.a.* millim, deinim díoghbháil do, goirtighim, athchumaim, maislighim. Loit a mháthair é, "mo chroidhe" a's "mo ghrádh" aice leis ar gach aon chor: rinne sí peata dhe: lé n-a cuid peataireachta níor earcair a thréithe mar budh cheart ann. Sé rud a loit me gur cuireadh an iomad ceisteann orm in aonfheacht a bhain dem threóir me: a mhill me: a dhein mo dhíoghbháil. Is mó de mheas agam orm féin ná go loitfinn mo lámha: go saileóchainn iad le teangmháil leis. Loiteann do scéal-sa na cunntaisidhe eile go léir atá cloiste againn: cuireann ar neambrigh iad. Go loitidh sé thu é do dhéanamh dom maran neamhmaitheach an lóiste thu: díoghbháil throm go né sé dhuit. Ní loitfeadh sé síntiús do thabhairt i gcarthanacht: ní dhéanfadh sé aon chur siar nó droichfhear do dhéanamh díot. Níor loit aonnidh riamh é ach an iomad airgid do thuiteam in aonfheacht air a's gan an taithighe aige air: níor mhill ach etc.

lom: *a.* gan feóil, fás, nochtuighthe, maol, bearrtha, tanaidhe, bocht, dealbh, gann, ar éigean, díreach. Níl agam ach an púnt lom dá mbéarfadh pingin bhreise ón gcroich me: gan feóirling fé ná tharais. Thugas na cosa go lom liom, leath nóiminte eile a's bhí beartha orm: ar éigean: sin a raibh ann. Táim lom dáiríribh chun na háite d'fhágaint: níl aon rud chun me do stad. Is fada an-lom é a's budh mhór an truagh san, is aige ná raibh an croidhe lom: dealbh, bocht ... croidhe cumhang ná sprionnlaithe. Tómhas lom a gheóbhfá sa tsiopa san: díreach an ceart. Lom láithreach nuair chuala sé an gleódh, léim 'n-a sheasamh a's amach leis: ar an dtoirt. Go lom láidir d'árduigh sé an seól 'n-a aonar: lé neart ceart. Budh dheacair dúinn puinn deabhaidh do dhéanamh, mar do bhí an ghaoth lom 'n-ár gcoinnibh: go cruinn, díreach. Téighir lom díreach amach as an dtigh seo anois mar tháinighis isteach, agus ná feicim ar an dtaobh istigh de dhoras go deó airís thu: gan aon mhoill ar bith. Táim-se lom ar an airgead san a bhí dhá riar: pioc de ní bhfuaireas. Is luime do bhíonn an talamh sa gheimhreadh 'ná sa tsamhradh: is lugha féir a bhíos air. Is oth liom é ach táir an-lom fé éadach fé láthair: níl puinn de agat agus an méid atá níl sé nuadh ná maith. Is gearr go mbeidh an ceanntar lom fé mhóin: go mbeidh sí an-ghann ann. Ná bí chómh lom léd (féd) láimh, cuir a thuilleadh chugham: gann, neamhfhlaitheamhail. Beir lom ar an bplúr, beidh gannchúiseach sara fada: bí níos coigiltighe 'n-a thaobh. Nách lom a thángabhair as an imirt: gan puinn do bhuadhachtaint. Ná gearraidh an t-éadach chómh lom ar eagla ná beadh an chulaith flúirseach a dóthain: caol, cumhang. Lom i mbarra na srón do bhuail an chloch orm: ar an bhfíor-bharra. Cnámha an-loma atá fé: gan feóil ortha. Fan chómh lom ar an ngaoith agus is féidir leat: chómh géar uirthe. Seachain tú féin, táir rólom ar an gclaidhe: ró-athchomair. Á, 'on diabhal me! ná bí chómh lom orm, tabhair cao dhom: chómh dian. Tá ceól sa chapall so mar gheibheann sé coirce lom: coirce buailte: an gráine amháin. Chómh luath a's cuirfí olc air d'éireóchadh sé lom as a chorp: ar thap an tairnge. Ná cuirfir ort ach na bróga loma .i. gan aon stocaidhe ionta. Tá sé chómh lom léd bhais, d'ith sé a raibh air: gan aon rian, mar tá croidhe do dheárnan ó ghruaig. Leann dubh an-lom seadh é: an-thanaidhe:

gan suiméar ann. Easnaidheacha loma muice ar díol annso: go mbíonn furmhór na feóla scriosta dhíobh. Chuala go lom é, níor thuigeas puinn dá ndubhairt: ar éigean.

lom-: (**loma**) *i gcfh.* tanaidhe, nocht, ar fad, díreach, cruinn. Deineann an duine, mo thruagh é, mórán mícheart leis an lom-amhgar ná déanfadh dá mbeadh ar a thoil: cruadhtan an-mhór. Tá do chuid éadaigh lom-aosta, budh cheart culaith nuadh d'fhagháil: tamall maith in áis a's cuma caithte air. Ní haon bhróga domhnaigh na rudaidhe loma-chaithte sin: breis a's leath-chaithte. Cuma lom-chaithte a dhóthain air tréis a thréimhse thar lear: gan feóil puinn air ná cuma láidir, shláinteamhail. Ní gábhadh é do bhaint go fóillín eile níl sé ach lom-aibidh: aibidh a's sin a bhfuil. Níor mhaith liom labhairt leis, mar ná raibh agam air ach lom-aithne: aithne cér bh'é a's sin an méid. Lé lom-acfuinn a ghéag níor fhág sé carraig sa pháirc nár bhris a's d'aistrigh: teann nirt. Níl agam-sa ar an áit ach lom-bhuannacht – an deicheamhadh cuid de mo chion: buannacht bheag. Geallaim duit ná fuaireas uaidh ach mo lom-bheannacht ag fágaint: beannacht ghann: ná raibh puinn guidhe ag baint léi. Béarfar lom-bhreitheamhnas lá éigin orainn ná beidh aon chuid dár gcorthaibh gan faisnéis: tabharfar breith orainn dréir ár ngníomhartha. Nách lom-cheannach an duine é: gan aon ruibe ag fás air: maol. Is tusa, a chladhaire, nár thug ach an lom-chóngamh: an chabhair budh lugha a's b'fhéidir. Ar mo loma-choinsias ná raibh aon bhaint agam léd chúram: ó chroidhe amach dearbhuighim é. Ní rabhas ach loma-chlúduighthe, a's ghaibh an fuacht tríom: ní raibh clúid chosanta mo dhóthain orm. Táim loma-chortha go maith tréis mo lae a's nách mithid dom stad?: cortha, tuirseach. Trí ionsaidhthe do deineadh ar an ndaingean-phort in aon ló agus éilightear gur deineadh loma-chreach air: scrios trom. Mo lom-chreach! a's b'fhearr dhuit ná a bhfeacaís riamh id dhá shúil go mbeadh an oiread fuaimeanta leat a's tá leis: fairír géar! Caithfir lom-chunntas do thabhairt i ngach briathar, gníomh agus smaoineamh: cunntas beacht, cruinn. Budh dheacair don dtír an namhaid do chongbháil amach a's gan uirthe ach loma-chosaint: cosaint neamhiomlán.

lom-bheart: *b.3.* gníomh nó beart shuarach, sprionnlaithe. Pingin i dteanna an phúint do bhí ag teacht chuige a's nár bh'é an lom-bheart do é gan bheith sásta mara bhfaghadh í: suarach. Níor lom-bheart leis siúd an leathphingne dhéidheannach d'fháscadh díreach nó cam asat .i. budh chuma leis: ní ghoillfeadh sé air a dhéine a bheadh sé.

lom-chruinn: *a.* an-chruinn ar fad. Bean lom-chruinn ná scarfadh lé haonnidh ar eagla ná faghadh a chúiteamh: gan aon rud ar sileadh léi: a bheadh aireach ar gan aon rud d'imtheacht ar bóiléagar. Tá an rud a bhí uait agam duit go lom-chruinn: in iomláine díreach. Buaileadh go lom-chruinn sa chluais é: go díreach, mar déarfá "bíodh sé mar sin".

lom-chosamhail: *a.* ar bheagán cosamhlachta lé. Ní aithneóchainn thú ar dheallramh aonne ded mhuinntir, nílir ach lom-chosamhail leó: is róbheag an deallramh agat leo. Lom-chosamhail go leór atá sé lé haon fheabhas do theacht air: dréir a chrota ní déarfí go raghadh feabhas air.

lom-chuardach: *f.1.* lorg neamh-dhian. Ná bí ag brath ar a lom-chuardach san, mar nár né sé ach súil do thabhairt ar a lorg: níor ghaibh sé tríd a's níor scrúduigh go haireach lé

n-a shúil a's le n-a lámhaibh an rud a bhí uaidh. B'fhuraiste dhom duine do bheith i bhfolach sa tigh agam níor dhein na gárdaidhe ach lom-chuardach air: súil do chaitheamh tímcheall.

lom-chuid: *b.3.* cuid bheag, shuarach, bhídeach, neamhthábhachtach. Fág fútha súd é nuair bhíonn maide na leitean aca féin, beidh an tsóghail aca féin a's an lom-chuid ges gach aonne eile: caol-chuid: fíor-bheagán. Is oth liom ná féadfainn riar leat táim ar an lom-chuid féin: oiread díreach – má tá san agam – a's dhéanfadh me féin.

lom-chuimhne: *b.4.* cuimhne lag nó ghearra. Rófhada anois ó thárlaidhe san i dteannta me bheith óg ná fuil agam air ach lom-chuimhne, a's ná dearbhóchainn connus mar bhí: cuimhne ná beadh muinghin aiste. Dá mhéid maitheas do dhéanfá ar fhurmhór na ndaoine, ní bhíonn aca air ach lom-chuimhne: dearmhadaid a chúiteamh.

lom-chúiteamh: *f.1.* díolaidheacht bheag, cúiteamh cruaidh. As ar dhein sé riamh dóibh, ag obair le dúthracht, ní bhfaghadh a ghreim bídh a's balcais éadaigh, a's dob é sin an lom-chúiteamh: díolaidheacht, díolfiach nó íocaidheacht ná raibh comhthrom. Níl aon rud a dhéanfair orm ná liom faid táim id lúib agat ná go mbainfead lom-chúiteamh díot as: sásamh nó díoghaltas iomlán.

lom-dánaidheacht: *b.3.* dánaidheacht nó buannacht ró-thighearnamhail. B'é an lom-dánaidheacht dhuit teacht isteach im thigh a's pé rud budh mhaith leat gan mo chead ná mo thoil: deiliús mór, tighearnamhail, neimhiongtas gan chuimse.

lom-dhealbh: *a.* locht ar fad; easbhaidheamhail. Beag an meas a bhíos ar fhear na bpócaidhe lom-dhealbh nuair ná bíonn neart sínte na láimhe: pócaidhe folamha. Is clos dom go bhfuil an baile lom-dhealbh ó thé, a's má leanann an teirce air ná beidh gráine lé fagháil: gur fíor-bheagán di atá ann.

lom-dhéanamh: *f.1.* déanta ar éigean. Níl faic lé maoidheamh ag an gceárdaidhe a dhein an trucaill, cá bhfuil a slacht? níl ach a rádh go bhfuil sí lom-dhéanamh: déanta díreach gan aon taithneamh críochnuighthe uirthe. Ná caith an iomad aimsire leis an mbórd, déanfaidh lom-dhéanamh é: ní gábhadh é do bheith órnáideach, gléasta, ná snasta, ná slachtmhar.

lom-dhearbhadh: *f.* (*-bhtha*) dearbhadh láidir, cruaidh. Dhein sé lom-dhearbhadh annsúd i lár na cúirte, gan allus ná náire, go raibh sé láithreach gidh gur deimhnigheadh 'n-a dhiaidh san go raibh sé i bhfad as: ní raibh groga ar bith 'n-a mhóide. D'fhéadfainn a thuilleadh fiadhnaise do thabhairt 'n-a choinnibh ach nár mhaith liom lom-dhearbhadh do dhéanamh air: an méid a bhí ar mo chumas do rádh.

lom-dhonas: *f.1.* iomlán an donais. Sé an lom-dhonas ná fuil sé i ndán aon phioc dá chuid fiach d'íoc ná geall aige leó: an mío-ádh go léir. Ní haon cheal fear a bhí orainn ná spiride ach an lom-dhonas ná raibh armáil ár ndóthain againn dóibh: mío-ádh cruaidh a chlaoidh sin.

lom-dhíreach: *a.* macánta, ionraic, cóir. Fear níos lom-dhírighe ’ná é sin ní bhfaghfá rófhuraiste, bréag ná scéal ní chuireann ar neach, a’s níl pioc de chuid a chómharsan aige: macánta: chómh díreach lé riaghail.

lom-dhóthain: *f.3.* an méid díreach a bhíos ag teastáil, gan faic fé ná tharais. Blaiseadh bídh ní raibh agam lé tabhairt d’aonne, ní raibh agam dom féin ach mo lom-dhóthain: oiread agus dhein me. Mo lom-dhóthain cúraim a bhí orm an abha do chur díom, bhí sí chómh luath, doimhin, leathan san: chuir sí go dtím aonbheart me.

lom-dhríodar: *f.1.* an chuid deireadh ar fad; an mhoirt; deascadh suarach. Á, sin é díreach é, bíodh an chuid is fearr den lionn aca san a’s fág mise ag brath ar an lom-dhríodar ná fuil oireamhnach do mhadra: an fuighleach salach. Is tu lom-dhríodar na bhfear: díg fear gan mhaith ar bith.

lom-éadach: *f.1.* éadach go mbeadh an bhruth imthighthe dhe a’s na snáithínidhe ag caitheamh ann; éadach athchaithte. Dá shaidhbhre é ní fheicfeá choidhche culaith ghalánta air ach lom-éadach mar bheadh ar bhacach: éadach a bheadh i ndeireadh a maitheasa. Dhéanfadh aon tsaghas lom-éadaigh duine ag obair: éadach a bheadh caithte go maith. Nách lom-éadaigh a ghaibhir amach san nduibheacha so, budh cheart clúid níos truime do chur ort féin: gan coisce balcaisidhe: ar bheagán éadaigh don aimsir.

lom-éifeacht: *b.3.* ciall nó brigh bheag. Is beag é m’eolas ar a dteangain a’s ní bhainim as a chuid cainnte ach lom-éifeacht: tuisgint focail annso a’s annsúd. Dréir mo lom-éifeachta féin ar an gcogadh so tuigtear go mairfidh sé tamall an-fhada: lag-thuisgint: an bhrigh bheag a bhainim as.

lom-eiteach: *f.1.* an t-eiteach as an gceanntsláine, eiteach gan adhbhar ná leathscéal do thabhairt leis. Loirgeas iasacht deich bpúnt air, fuaireas an lom-eiteach in aon fhocal amháin - “ní bhfaghair”: .i. sin a raibh air. B’fhearr an lom-eiteach aon lá d’fhagháil ’ná bheith ag tabhairt leathscéal beag suarach: gan siar ná aniar do bheith air: gan niúdar neádar.

lom-éirghe: *f.* (*-éirighthe*) éirghe lag, ar éigean. Má bhíonn sé ’n-a shuidhe féin sin é an lom-éirghe, ach ag coimeád na leapan furmhór a shaoghail: fann, annamh. Ní mór é an deifir i luach muc an aimsir seo, níl ortha ach lom-éirghe: árdughadh an-bheag san airgead.

lom-eólas: *f.1.* eolas beag, breac-eólas. Ní mór é mo ghnóth-sa chun an chéachda san mar ná fuil agam ar threabhadóireacht ach lom-eólas, cá raibh mo thaithighe?: breac-eólas. Lom-eólas na háite a chuir amugha me a’s doircheadas na hoidhche, ní rabhas ann ach uair amháin riamh roime sin: fios na háite chun a thaistil an-bheag ar fad.

lom-fháilte: *f.4.* fáilte gan phreab. “Dhe, cuireadh a’s ní cuireadh – cuireadh lom-fháilte rómham, ní raibh aonne ’n-a chodaibh beaga tímcheall orm”: fáilte ná raibh ó chroidhe, nár lean féile ná flaitheamhlacht í.

lom-fhás: *f.1.* fás neamhthorthamhail, lag, mall. Talamh bocht é nách féidir do chur air ach an lom-fhás: beag-thoradh maidir lé féar, arbhar, etc. Fear árd ná mór ní dhéanfaidh sé choidhche, níl fé ach an lom-fhás: eascar mall fir.

lom-fáth: *f.3.* cúis nó adhbhar beacht. Sé lom-fáth gur chómhairligheas do iad d'fhágaint, mar bhí a fhios agam nár thaithin sé leo: aon fháth eile ach san ní raibh.

lom-fheabhas: *f.1.* $_{7}$ *3.* feabhas an-bheag, ar éigean is soiléir. Tháinig lom-fheabhas indiu air, tháinig breis dá chainnt do, ní drochchómhartha é: breis bheag mhaitheasa.

lom-fheall: *f.1.* cealg mhór, ghránda, mícheart toilteanach, soiléir; dochar an-throm. B'é an lom-fheall iad do bháthadh chómh sonaoideach fir bhreaghtha mar iad: méala nó dochar tubaisteach. Cad dob áil leat ag cainnt mar sin, cad eile é ach lom-fheall teacht i leith a chúil ar dhuine a's buille marbhthach do bhualadh air. Feall gráineamhail.

lom-fhear: *f.1.* fear gan puinn ar an gcnámh aige. Lom-fhear cruaidh, fuinneamhail amhail go bhfuil gach aon chnámh leis ar nós an iarainn.

lom-fhearas: *f.1.* gléas atá caithte go maith lé haois nó áis. Is beag is fiú an lom-fhearas iascaigh atá ag dul leis an mbád, tá sé i bhfad in áis: gléas caithte snoighte. Úirlis nuadh ní fheaca fós gen gceardaidhe céadna ach meilitidhe lom-fhearais: gléiseanna caithte gan líomhthacht oibrighthe.

lom-fholamhughadh: *f.* (*-uighthe*) d'fholamhughadh go bonn nó go bun. It amadán chorónta, agus sin é t'ainm, ag lom-fholamhughadh do phócaidhe ameasc an scata tnúthán san a thógfadh a bhfaghaidís: ag caitheamh an uilephingne ortha.

lom-fhonn: *f.1.* dúil nó fonn lag. Cé go ndeaghas ann, is aithreachas liom anois é, go mórmhór toisc ná raibh orm ach lom-fhonn ó thúis: ní raibh aon díoghras orm dul ann.

lom-fhuadach: *f.1.* fuadach trom, creachach. Dhein an gála úd lom-fhuadach ar an bparóiste: iothla ann níor fhág gan díoghbháil mhór: scriosadh mór ar chuid na ndaoine. Faid bhíos as baile deineadh lom-fhuadach ar a raibh im thigh: níor fágadh faic a b'fhiú aonnidh istigh ann nár sciobadh chun siubhail.

lom-ghábhadh: *f.1.* gábhadh, ceal, easbhaidh, conntabhairt mhór. Is iomdha rud do chuireann an lom-ghábhadh iachall ar an nduine do dhéanamh ná cuimhneóchadh air dá mbeadh cumas aige: ceal dian. Ní lom-ghábhadh in ao'chor do ghoid an t-alfraits ach é bheith de mhianach ann: easbhaidh mhór. Tá lom-ghábhadh aige le pósadh, níl aon bhean sa tigh chun gnóth tighe do dhéanamh: riachtanas an-mhór.

lom-ghearradh: *f.* (*-rrtha*) gearradh nó lomadh gearraidh don bpréimh. Na coillte a bhí annso fadó tángthas a's tugadh lom-ghearradh ortha i dtreó a's ná fuil oiread a's préamh anois ann: leagadh an uile chrann. Deineadh lom-ghearradh ar na bóithribh i slighe a's ná féadfadh trucaill ná eile gabháil tríotha: deineadh créachtaidhe fada, leathana, doimhne treasna tríotha.

lom-gheallamhaint: *b.3.* geallamhaint an-lag, gan aon urradhas. Ní fheadar-sa, leis, cad déarfainn leis an bhfear céadna i dtaobh cóimhlíonta an mhargaidh béile seo, níl ag ach lom-gheallamhaint: geallamhaint ná fuil ann ach san a's ná beadh aon mhór-mhuinghin agat aiste. Nílim sásta uait in ao'chor lé "b'fhéidir, má fhéadaim", níl annsan ach lom-gheallamhaint: dul fé chóimhlíonta an-lag.

lom-ghnóth: *f.3.* gnóth nó cúram neamhthairbheach. Ní fhéadfainn a rádh go bhfuil aon rud fóghanta ar siubhal agam ach lom-ghnóth beag annso a's annsúd ná beireann puinn isteach chugham: giotáil neamhthairbheach.

lom-ghoin: *b.3.* gortughadh, díoghbháil dhian phiantach. Mo lom-ghoin mise im aonar a's mo muinntir ag tabhairt an fhéir: fairír géar. Is é an lom-ghoin leis scaramhaint lé rud ar bith gan a dhá luach do bheith 'n-a choinnibh aige: an scian trís an gcroidhe: an crádh cléibhe. Mo lom-ghoin! a's bíodh do chiall agat, mar is fada uait bheith chómh maith d'fhear leis: mo chreach! mo chás!

lom(a)-ghreadadh: *f.* (*-dtha*) dóghadh dian, bualadh, stialladh, ciapadh géar. Sin é an lom(a)-ghreadadh teangan is mó d'fhoidhnigheas ó aonne riamh, níl ainm fén spéir nár tugadh orm: íde bhéil náireach. An lom(a)-ghreadadh báistighe fuaireas ag teacht treasna an mío-áidh máma san ghaibh thríom go croiceann: an léasadh a's tuargaint. Seadh, tá lom(a)-ghreadadh maith anois agaibh, cluiche ar chluiche curtha oraibh: bualadh: claoidheachtaint. Na madraidhe a thug an lom(a)-ghreadadh don asal an bóthar amach, ag baint locaidhe clúimh dá dhá thaobh, ag breith ar spearachaibh a's ar mhuineál air: ruagadh a's ciapadh.

lom-iarracht: *b.3.* iarracht, eitim gan gus, gan fuinneamh. Is ag an saoghal mór atá a fhios ná go n-éireóchadh leat-sa dá gcuirfeá rómhat i gceart é ach nár thugais ach lom-iarracht .i. nár néis do dhícheall. Cuir uait na lom-iarrachtaidhe, caithfir cur níos fearr chuige chun bearta do dhéanamh: tástálacha suaracha. Níor fhéad sé ach lom-iarracht do thabhairt ar dhul ar falla, bhí sé rólag ón iomad fola bheith silte aige: tabhairt fé go dearóil, fann. Lom-iarracht éisc atá aca tréis an lae: seilg bheag éisc.

lom-íde: *b.4.* íde ghránda, olc; droch-aiste. Féach an lom-íde atá tugtha agat ort féin ó bheith ag ól 'sag ragairne, beo, bocht, dealbh gan luid den éadach ort: an aiste olc, náireach. An lom-íde a chuir sé sin ar a chuid budh cheart do náire do bheith air, níor fhág sé faic aige féin gan scaipeadh go haindeis: caitheamh míchiallmhar bunoscionn.

lom-innsint: *b.2.* aithris bheacht. Pioc a mhaireas níor chuir sé leis an scéal ach lom-innsint dhíreach mar chonnaic sé a's mar chualaidh sé: gan focal fé ná tharais. Cé hé is fearr 'ná an té a ghníos lom-innsint ar a chorthaibh?: iad do chur i bhfaoisdin iomlán.

lom-ionannas: *f.1.* beachtacht aoirde, faid, leithid, meádhachana, etc. Ní mór cúplaidhe an tighe do bheith i lom-ionannas chun an chinn do bheith suidhte 'n-a cheart: cómh-aoirde, cómhfhaid go díreach. Lom-ionannas nirt dóibh: níl ceann (aonne) aca níos treise 'ná a chéile oiread an fhrighe.

lom-ionsaighe: *f.4.* ionsaighe dian, dásachtach. Is beag lá ná oidhche ná go bhfuil lom-ionsaighe spéarach dhá dhéanamh ar chathrachaibh i Sasana, a's a rian ortha is iad atá scriosta, loitighthe: ionsaidhthe diamhaire gan trócaire. Chómh luath a's fuair sé an chao thug sé lom-ionsaighe ar an uaireadóir a's sciob í: fogha tapaidh gan aon ghroga.

lom-ithe: *f.4.* ithe go tóin, iomlán. Scata scolfartach go raibh an t-ocras 'n-a gcroidhe thugadar lom-ithe ar a raibh de bhiadh ann, nár fhágadar dóthain spiodóige 'n-a dhiaidh .i. chuimileadar sop a's uisce dhe.

loma-láidir: *a.* gabhtha trí dhuadh, ach láidir mar sin féin. Fear loma-láidir é sin fós d'aindeóin a aoise a's a shaothair riamh: go bhfuil neart a's fulang ann. Capall loma-láidir a dhéanfadh aon ghnóth feirmeóra go ceann i bhfad fós: go bhfuil coingheall a's geall oibre ann.

loma-laoch: *f.1.* fear a bhí go hiongtach tamall, ach go bhfuil cuid mhór dá neart a's dá anamamhlacht imthighthe. Níl aon loma-laoch aca ná go dtéigheann ag iascach fós: iascairidhe maithe tráth ach go bhfuil an t-aos aca.

lom-leas: *f.3.* tairbhe, maitheas cheart, iomlán. Is tú do lom-leas agus droch-chuideachtaidhe do thabhairt suas: do leas, do thairbhe ar fad.

loma-leath: *b.3.* leath chruinn, bheacht. Déanfad dhá loma-leath ded dhrom mara leigir dom féin!: dhá smut ionann. Deineadh dhá loma-leath den luing nuair bhuail sí ar an bhfochais: thuit sí as a chéile 'n-a dhá chuid. Lé reacht dighe a's meisce ní raibh árus sa tigh nár dhein sé dhá loma-leath dhe: bhris sé 'n-a gciotaidhibh fogha áruistidhe an tighe.

lom-leicneach: *a.* bocht gan feóil ón ngruadh anuas go giall. Duine lom-leicneach: bocht.

lom-léir: *b.2.* scrios nó buadhairt throm. Mo lom-léir! mar chaitheas mo chuid go haindeis: fairír! Mo lom-léir is orm-sa budh gheairrid an mhoill teacht chun do chabhartha dá mb'eól dom gábhadh do bheith ort: .i. níl aon rud is deimhnighthighe. Lom-léir ort ná tugann aire dhuit féin a's gan bheith dhá threascairt ar gach cor: mío-ádh mór ort.

lom-leath-scéal: *f.1.* leath-scéal neamhshásamhach, bacach. A rádh gur dhearmad sé na leabhartha d'fhilleadh, níl ann ach lom-leath-scéal mar is minic curtha i bhfighis air é: lom-leath-scéal bacach. Go bráth bráth gheóbhadh san lom-leath-scéil duit cad fáth nár dhein so nó súd: gan deallramh.

loma-liath: *a.* caithte, a's tréigthe i ndath. Ní fuláir nó tá sé an-bhocht a's an éadach loma-liath a chaitheann sé: gan bruth gan dath.

lom-lionn: *f.3.* lionn caol, tanaidhe. Ag ól lom-leanna gan suiméar: lom-lionn gan scabhárd ná speach ann.

loma-lot: *f.1.* lot ar fad. Tá an t-arán dhá loma-lot agat ar an slighe atáir ghá ghearradh, é ag imtheacht 'n-a bhrúscar ód sciain: sceanfairt. Mo loma-lot táim gan ór gan airgead: fairír géar: mo thruagh.

lom-luath: *a.* lé luas, mear. Chuir sé dhe níos lom-luaithe 'ná girrfhiadh i dtóir: níos mire. Agus me ag gluaiseacht chómh lom-luath a's d'iomcharóchadh mo chosa me: chómh tapaidh: gan pioc den bhféar ag fás fém chosaibh.

lom-mhagadh: *f.1.* magadh ceart i ndáiríribh. Me ag tabhairt gach aon rud dóibh a's annsan ag gáiridhe laistiar díom, nách é sin an lom-mhagadh fé aonne: magadh amach 'samach.

lom-mhairg: *b.2.* truagh dhian, aithreachas mór. Aon lom-mhairg ní chuireann do ghearán ar an nduine neamh-chradhscalach úd: aon mhairg mhór .i. budh chuma leis céaca. Mo lom-mhairg mar tá mo ghnóth leachta orm ag daoinibh gur cuma leó: fairír géar.

lom-mhaoin: *b.2.* beagán saidhbhris. Síor-chaitheamh a's gan aon chríochnughadh. D'imthigh mo chuid a's táim ar lom-mhaoin anois: fíor-bheagán ionmhais. Gan dada lé maoidheamh aige feirmeóir ar lom-mhaoin: gan puinn de speilp an tsaoghail air.

lom-mhaireachtaint: *b.2.* beatha bhocht. Sí an lom-mhaireachtaint atá aca anois i gcathrachaibh atá dhá ionsaidhe ón spéir, gan chao cheart bídh d'fhagháil ná a ullamhuighthe: maireachtaint bhocht, chaol. Talamh gan puinn den mhianach ann ní baintear as an lom-mhaireachtaint: beatha nó toradh bocht.

lom-mhío-ádh: *f.1.* mío-ádh trom. Gach aon aindeise ag éirghe dhom, tá an lom-mhío-ádh orm: tubaist ná scarann liom gach lá dem bheatha.

lom-mhullach: *f.1.* fíor-bharr. Ó lom-mhullach an chnuic bhí radharc ar gach taobh agam: an fíoghar-íodh .i. mar a raibh fánaidh ar gach taobh.

lom-nasc: *f.1.* greim daingean docht. Tá lom-nasc orm mar a bhfanfad anois, istigh i gcarcar: greim do-scaoilte. An lom-nasc a bhí ag an bpartán ar mo mhéir ní bhogfadh gur briseadh an órdóg de: greim docht daingean.

lom-neart: *f.1.* neart thar na beartaibh: racht nirt. Le lom-neart scuab arm na Gearmáine trí gach tír dár ionsaidheadar ó thosach an chogaidh gan puinn staontha nó cosca: neart a's fuinneamh gan cuimse.

lom-obann: (**lom-oban**) *a.* de phreib, gan coinne ar bith. Cá raibh cao mo chosanta nuair tángthas orm go lom-obann: go prap a's gan coinne ar thalamh an domhain agam. Anuas ón spéir do sciúird na heitealláin phléasctha go lom-obann ar nós na n-éan: gan súil gan coinne gan cao teichte uatha.

lom-olc: *f.1.* cealg ceart, mío-rún, anchroidhe díomasach. Dá dtugadh sé fiadhnaise ar mo shon do thiocfainn saor, ach lé lom-olc orm chun mo bhasctha ní thabharfadh: droch-chroidhe mailíseach. Gan aon rud do bheith buaidhte aige leis sé aigne atá aige go ndéanfadh nidh ort mar lom-olc: lé drochaigne agus ar son sásaimh an uilc.

lom-órdlach: *f.1.* ordlach beacht, slighe nó eaga bheag. Níor mhór dá dheifir, ní raibh eadraibh ach an lom-órdlach, tímcheall a's mar a chéile sibh: ar éigean do bhuaidh duine agaibh: budh dheacair an bhreis do thómhas. "Is maith do scarais leis ná rugadh ort, chuadhais in árd-ghiorracht do" – "ní raibh agam ach an lom-órdlach": díreach glan gur éaluigheas.

lom-ocras: *f.1.* ocras a's gorta. Ar an lom-ocras do mhaireann na bochtáin, sin, níor shuidheadar chun béile mhaith riamh: gorta: cothughadh sprionnlaithe. Budh mhinic me chómh bocht san go mbinn ar feadh seachtmhainidhe ar an lom-ocras: gan puinn lé n-itheadh toisc gan a bheith agam.

lom-ósta: *f.4.* droch-chóir bídh. Fan as an dtigh sin nó beir ar siolagar mar ná fuil ann ach an lom-ósta: an chaol-chuid de bhiadh na beatha.

lom-pháirt: *b.2.* cuid bheag, shuarach, lámhaidheacht gan tábhacht. Níor bh'aon lom-pháirt a bhí i gcogadh na saoirse aige, d'áitrigh sé é féin go mion minic .i. lámhaidheacht thábhachtach. Cuireadh mise ar chuid na gcat toisc gan léighe ná leagadh do bheith liom, cuireadh ar lom-pháirt me: roinntín.

lom-phléascadh: *f.* (*-ctha*) réabadh ó thalamh. Cad é lom-phléascadh fuair an charraig nuair séideadh lé púdar í, d'imthigh sí 'n-a ciota fogha san aer: mionbhriseadh.

lom-rith: *f.3.* lán-rith, gluaiseacht thapaidh. Chuiris an scannradh 'n-a chroidhe, tá sé 'n-a lom-rith uait nách fios do cá stadfaidh: ag gluaiseacht i ndeireadh an anama. Táim ar lom-rith ó gheal lá indiu d'iarraidh teacht ar fiche cúram in aonfheacht: ar lán an bhata.

lom-riar: *f.1.* riar, freastal nó roinnt bheacht. Ar lom-riar do dhéanamh ar an méid bídh atá againn idir seo agus an fóghmhar ní bheidh aon cheal ar aonne: riar críochnamhail: gan bheith rabairneach leis. Dá dtugtí déanamh gach aonne dhom ní bheadh aon leath-scéal cnáimhseáin agam ach cuireadh ar an lom-riar me: roinnt mhion.

lom-réabadh: *f.* (*-btha*) réabadh nó scrios rómhór. Dhein na gunnaidhe móra lom-réabadh ar chosaint na cathrach nár fhágadar pioc os chionn a chéile dhi: leagadar go talamh í. Má dheineann faobhar an gnóth tá lom-réabadh san speil sin: abálta ar mhórchuid do bhaint.

lom-scáth: *b.3.* cosaint nó scáth nó dídean éadtrom. Is ort ná fuil ach lom-scáth an gheimhridh, an t-éadach lag, tanaidhe sin: cosaint gan puinn cluthaireachta. Eagla mo chroidhe orm go bhfeicfidís me, mar ná raibh eadrainn ach lom-scáth – tor beag sceach: fíor-bheagán a cheilfeadh me ó n-a súilibh.

lom-scread: *b.3.* scread, liach, nó béic ghéar, chaol, árd, dhuaibhseamhail. Lom-scread air, an bitheamhnach, gan meas air féin, a ghoidfeadh ó leanbh (mallacht): bás chuige a's á chaoineadh go rabhthas. Leig sé lom-scread a chloisfeá míle ó bhaile nuair sáthadh é: liach: béic mhór lé hanbháthadh tinnis.

lom-sciúird: *b.2.* ruathar obann, praitineamhail, seáp tapaidh, fuinneamhail. D'aon lom-sciúird do scuab na saighdiúiridhe rómpa treasna na dúthaighe, scrios a's ár ar a lorg: sáthadh lán-thapaidh, dofhulaing. Thug sé lom-sciúird fén airgead a bhí ar an gconntabhairt agus bhí 'n-a phóca aige ar phrap na súl: seáp obann lán-mhear. An oiread san fuadair fén gcigire gur thug sé lom-sciúird ar a raibh de scoileannaibh sa cheanntar in aon ló: cuaird mhear shaotharach.

lom-sceanach: *f.1.* lot a's díoghbháil mhór. Gan aon truagh aca d'aon rud go dtángadar treasna air dheineadar lom-sceanach ar an áit: loiteadar a's scriosadar a raibh ann. Anfadh adtuaidh a tháinig as na hubhla fé bhláth a rinne lom-sceanach ar ubhlúird nár fhág ceann ar chrann innte: scrios trom.

lom-shíneadh: *f.* (*-nte*) síneadh nó leagadh go hiomlán. Nuair stroill mo chosa uaim ar mhullach an chlaidhe deineadh me do lom-shíneadh ar mo bhéal a's ar m'fhiaclaibh anuas ar an mbán: ar m'fhaid a's ar mo leithead gan treóir. Ní lagadh ach déine a bhí ag dul ar an gcath go raibh fir dhá lom-shíneadh chómh tiugh le cora-mhíolaibh: dhá shíneadh go tréith.

lom-smacht: *f.3.* cruaidh-ghéibheann, ughdarás árd-dhian; cosc thar ceart. Nár bh'é an lom-smacht aice ar a tríontaidhthibh é go gcaithidís a cuid curadóireachta do dhéanamh di ar dtúis sara romharaidís troigh dóibh féin?: ughdarás a's cómhacht chun a tola d'imirt ortha. Déanfad pé rud is rogha liom féin gan teasardha ó neach eile, nílim fé lom-smacht ag neach: fé ghéibheann go gcaithfinn rud do dhéanamh ortha. Ar rinnce ná céilidhe ní leigtear clann an tighe sin tá an oiread san lom-smachta sa bhaile ortha: cosc cruaidh.

lom-thairbhe: *f.4.* tairbhe nó maitheas bheag. D'ólais mo chuid dighe a's lom-thairbhe go né sé dhuit! .i. aon mhaith nár né dhuit! Bíodh sé agat a's mo bheannacht níor bhaineas-sa riamh as ach an lom-thairbhe: is beag dá bharr do fuaireas.

lom-tharrac: *f.1.* tarrac nó stathadh rómhór. Nuair croithfeadh sé lámh leat tá sé de bhéas aige lom-tharrac do bhaint aiste, nách mór ná go stathfadh ón ngualainn agat í: stracadh fíochmhar. Bain lom-tharrac as d'fhéachaint an dtiocfadh sé leat: stracadh fíor-láidir.

lom-thónach: *a.* lom-éadaigh, gan earball. Cat lom-thónach: gan earball. Is oth liom an fear bocht bheith chómh lom-thónach: b'fhiú é culaithirt mhaith do bheith ar a chnámhaibh: é gan éadach maith ná slán.

lom-thrácht: *b.3.* glaodhach (díol a's ceannach) beag; aithris bheag. Níl sé ag déanamh go maith ná go cóir sa tsiopa úd, ní bhíonn aige ach lom-thrácht fíorbheagán daoine chídhfeá ann: díol earraidhe. Dá mhéid an gleódh a dheintí dhe i rith a bheatha níor dhein na páipéir ach lom-thrácht ar a bhás, níor mhór an méala aca é: tagairt an-shuarach.

lom-thubaist: *b.2.* iomard nó dochar trom. Lom-thubaist ort, maran tu go bhfuil an áit laitighthe scriosta agat: iomard uathbhásach, obann ort a bhainfidh ded threóir thu. Tá an lom-thubaist tuitthe ar an aindeiseóir anois ó cailleadh an t-aon chabhair seo air: mío-ádh a scrios ar fad é.

lom-thuilleamh: *f.1.* tuilleamh nó tuarastal beag. Ag briseadh chloch ar thaobh bóthair go fliuch, fuar 'sé an lom-thuilleamh é: beag airgead do gheibhtear. Seo dhuit púnt as do sclábhaidheacht, rud nách fiú thu, is tú a dhein an lom-thuilleamh air: tuilleamh nár bh'fhiú d'áireamh. Is é airgead is buighe fuairtheas riamh é, níl aon rud budh lom-thuillte 'ná é: budh lugha gur fágadh duadh as ar an suim airgid.

lom-uireasbhaidh: *b.2.* ganntan, ceal, gannchar ceart. B'éigean do triall ar thigh na mbocht leis an lom-uireasbhaidh a's ní raibh oiread aige a's bheirbheóchadh sé dho féin: an bhochtanacht ag gabháil lastuas de.

lom-urchar: *f.1.* urchar cruinn, díreach. Fuaireas lom-urchar i bpoll na cluaise a chuir spearataidhe orm: urchar cruaidh cruinn a chuir scamaill dhubha ar an radharc agam.

lom: *f.1.* aon rud a bheadh maol, gan fás, gan toradh, aon rud ná beadh "báidhte" nó measctha; boichtne, dealbhas, cao, amas, faillighe, áit nó ball gan chosaint. Tá an taoide anois idir a lag 'sa lom: 'n-a lag-trághadh ar fad .i. díreach roim chasadh ar líonadh dhi. Aon rud a bhíos ar aiste nách fios cá treó a dhéanfaidh, deirtear "tá sé idir a lag 'sa lom" .i. i dhá gceann na meádha. Mo lom! a's tá fuar agam bheith ag súil lé n-a bhfuil ar cairde agam: fairír géar! Siúd é an feall ar iontaoibh dá bhfaghadh sé an lom ort .i. cao do dhíoghbhála do dhéanamh. Ar mbeith as baile dhom fuair sladaidhe éigin an lom ar mo thigh a's d'fhuaduigh leis pé rud luachmhar a bhí ann: amus: cao cheart, mar ná raibh aonne 'n-a fheidhil. Níor mhaith liom-sa aon bhaint do bheith agam leis a chuirfeadh 'n-ár gcoinnibh é mar táim fé n-a lom agus b'fhuraiste dho mo dhíth do dhéanamh: fé n-a chumas: neart aige ar a thoil d'imirt orm. Ná bac tigh do thógaint i mball go mbíonn lom na síne air: cao ag an sín séideadh air. "Sé lom agus corplár na fírinne", ars an bhean fheargach, "gur bh'fhearr dhom banbh muice do thógaint 'ná leanbh atá ag dul im choinnibh": an fhírinne ar fad, ar fad. Dá mhuinnteardha a bhíos duine leat ní misde dhuit gan an lom do thabhairt do ort: faill gur bh'fhéidir leis do dhochar do dhéanamh. An pheil i mbéal an bháire gan aon chosaint air, bhí lom ceart ar í do chur isteach: faill: cao gan chosc. Admhuigh anois gur dheinis de lom é, agus nách lé neamhchoinne é: d'aon ghnóth: go raibh t'aigne leis. Sé sin lom ceart na dighe agat, ní haon tSeán Báidhte é: an rith cheart gan lagughadh. Fuair sé an lom uirthe agus do chuir ó chrích í: cao nár chóir búntáiste do bhaint as. Lom léir air nár dhein rud éigin do chur thart do féin i gcóir an lae chruaidh: mío-ádh go raibh air mar amadán.

lóma: *f.4.* éan mór farraige de chineál an fhiaigh mhara (aon bhaint níl aige leis an "bhforcain" mar deirtear go minic); daoiste. Taoide an lóma .i. laistiar des na Scealgaibh. Lóma díomhaoin ná cuireann a's ná baineann: duine fíor-leisceamhail. An lóma bocht gan eolas ná bíodh aon mhilleán agat ar aon rud a dhéanfadh sé mar ná fuil a mhalairt aige: duine mór aindeis gan tuisgint gan meabhraidheacht. Cómhnuigheann sé 'n-a aonar

san mbathalach tighe sin, 'n-a lóma gan chrích ná adhar a bheatha ann .i. gan suim 'n-a dheallramh pearsan aige ná eile.

lomadh: *f.* (*-mtha*) maolughadh, scughadh, bearradh, bochtnughadh, dealbhughadh, dealbhas, scriosadh, glanadh. De dhuine a bhíodh cothuighthe, teann is diail an lomadh atá dulta ort, táir chómh seang lé tuige: an fheóil imthighthe des na cnámhaibh. "Leigheadh na log ort, lomadh luain ort, a's breith idir dhá teannta ort" (eascuinghe): scrios uathbhásach. Tugadh an iomad lomtha ar do cheann pé duine a bhearraidh é .i. gearradh an ghruaig ródhian ar an gcloigeann. Má fuair fear riamh lomadh fuair sé sin é leis an méid féaránach do cuireadh air: itheadh go talamh. Cár imthigh an folt muirearach a bhíodh ort? táir ag lomadh: maolughadh. Is beag rud ná go dtagann an lomadh air leis an aimsir .i. go dtéigheann as: go gcaitheann (snaoigheann) sé. Beir id lomadh féin rómhór anois má thugair an méid mhór airgid seo dhom-sa a's gan puinn far do dhóthain agat: ghod chiorrbhadh féin. Beir ag lomadh an mhaide leis an bplána go mbeidh sé rólag agat: ghá shnoigheadh. Nách mór an lomadh fuair an baile ón aicíd gur chuir sí chun báis líon fiche tighe: scrios trom. Cad thug an lomadh go léir ortha, gan feóirling ruadh indiu aca?: daoine go raibh an oiread de mhaoin an tsaoghail aca: an bochtnughadh: an dealbhas.

lomadóir: *f.3.* bearrthóir, snoigheadóir, creachaire. Dheamhan lomadóir ná go bhfuil an ghaoth maith a dhóthain do, níor fhág sí gas sa ghort: creachaire, scriosaire. Lomadóir maith an plána, is gleóidhte slachtmhar é billeóg an bhúird 'n-a dhiaidh: snoigheadóir. Lomadóiridhe caorach: lucht bearrtha. Lomadóiridhe crann a's sceach gabhair: ithid idir choirt a's barr a's beangán.

lomaidheacht: *b.3.* boichte, tanaidheacht; ceal cothuighthe. Ní cheannóchadh aonne an t-ainmhidhe lé n-a lomaidheacht: ceal bláthais na feóla. Ní thabharfadh an talmhan san puinn tortha lé lomaidheacht a chré: boichte. An t-aon rud atá ag teacht liom-sa lomaidheacht mo phóca: dealbhas an airgid.

lomaim: *b.a.* $_7$ *n-a.* bearraim, snoighim, tanuighim, bochtnuighim, dealbhuighim, scughaim, feanaim, maoluighim, creachaim, cuirim romham, luigheaduighim. Lom (lomuigh) ar do láimh, ná bí chómh rabairneach léi nó beir i ndeireadh do choda gan rómhoill: luigheaduigh ar an riar. Lé cloidheamh a's lé teine níl aon áit dár thugadar aghaidh ná gur lomadar rómpa, níor fhágadar biadh ná beatha: creachadar: scriosadar. Cé lomuigh go plaitín thu?: a bhearraidh do chuid gruaige chómh sainnteamhail sin. Cuireadh an oiread san caorach ar an oileán gur lomadh é i slighe a's nách mór gur fhágadar síol an fhéir ann: nochtadar, dhealbhuigheadar é. Sé a lomann ar fad me an chainnt a bhíonn air i dtaobh airgid a's ná feaca riamh scilling dhá chaitheamh aige: a chiapann me. Lomfaidís thu ag éisteacht leó ag trácht ar an mbaoghal gorta atá rómpa agus talamh go leór aca a's ná cuirfidís é: chrádhfaidís an croidhe ionat. An rud a dheineann sé as an slighe uirthe ní lomann sé a cion air: ní laguigheann. Ná moilligh nóimint eile, lomuigh ort chun cúraim: gluais cruinn díreach. Níl cluiche go maidean ná go lomfá orm ó pé ádh cártaidhe atá ort .i. ná go lomfá orm – oiread agus cúig ní leigfeá chugham: ná go ngoinfeá orm. Lomadh ar fad me ar na ráiseannaibh ag cur geall: buadhadh a raibh d'airgead thíos agam. Lomais ó chonnac go déidheannach thu:

d'imthigh an cothughadh dhíot. Choidhche shaoileas ná lomfadh an t-éadach san chómh mór, cheapas go raibh an oiread san mianaigh ann: go n-imtheochadh an bhruth dhe.

lomaireach: *f.1.* séithleach ainmhidhe, duine gan puinn ar an gcnámh aige idir fheóil ná éadach. Sé thug an beithidheach san do bheith 'n-a lomaireach gan faic do bheith dhá fhagháil lé n-itheadh aice go bhfuil na cnámha ag polladh an chroicinn aice: caithte, seirgthe. Ag imtheacht 'n-a lomaireach ó chathair go cathair ag lorg béile annso a's balcais annsúd: duine seang, seirgthe gan chuma na beatha air.

lomaire: *f.4.* lomadóir, creachaire. Sin é an lomaire atá ann anocht, an leóithne nimheamhail anoir dtuaidh, gheóbhadh sé thríot go cnámh: gaoth a fheanfadh thu. Ní rómhaith an lomaire mise chun croicinn do bhaint do choinín, ceal taithighe orm: fear feannta.

lomáisteach: *a.* nochtuighthe, gan fás, scriosta, maol, bocht, feannta, folamh. Ar shroichstint an bháid dom thaidhbhsigh cuma lomáisteach dom uirthe - ní raibh maide, slat ná seól innte: nochtuighthe. De thigh go raibh oiread rothaidhe a's troscáin istigh ann, nuair chonnac é tamall roime sin chuir sé maoithneachas orm an crot lomáisteach a bhí air .i. folamh uatha san. Aiteann gallda a's craobh go flúirseach ann gur tugadh teine dho, anois é lomáisteach ar fad: nochtuighthe.

lomas: *f.1.* nochtuightheacht, ceal fáis, clúduigh, cothuighthe, tanaidheacht, ceal brutha. Lomas mo chuid éadaigh ní leigfeadh náire dhom dul ameasc na ndaoine leis: caithteacht snáithín a's datha. Lomas na gcarraigeach tréis an anfaidh nár fhág an báirneach féin ortha: easbhaidh aon ruda fáis. Ní maith é an lomas san bhfuacht: ceal coisce éadaigh.

lomtha: *a.r.* nochtuighthe, bochtnuighthe, scriosta, creachta, maoluighthe, ithte. Nuair bhíos lomtha aca ó bheith ag tógaint uaim gan díol as, thréigeadar uile me: gan faic fágtha agam. An fheirm chómh lomtha gen iomad stuic a's gur ar éigean gheobhaidís lán béil uirthe: ithte síos go talamh. An iomad caithimh a's gan aon déanamh sin é d'fhág mise lomtha mar táim gan glór im spaga: bocht, dealbh. Is maith lomtha an corrán géill atá agat maidin Dé Domhnaigh, bhí faobhar maith agat: an fhéasóg bearrtha grod leis an gcneas. Dá mhéid atá caillte agam nílim chomh lomtha san fós ná go bhféadfainn cabhair do thabhairt do dhuine i gcruadhtan: bochtnuighthe: dealbhuighthe.

lómrach: *a.* geal, lonnardha. Ar thugais fé ndeara an bheárna lómrach a bhí san iarthar lé linn na hoidhche, ní rómhaith an cómhartha é: geal thar ghnáth. An cuan chómh lómrach fé sholas na gealaighe gur chosamhail lé hairgead leachta é: geal, gléigeal, glinneamhnach.

lomracán: *f.1.* duine aimlidhthe, dá threóir, nochtuighthe, nó droichéadaigh. Seal dá raibh budh lúthmhar, láidir líomhtha an fear ar muir a's ar tír é, ní mar sin anois do níl ann ach lomracán gan anam: aimlidhthe dá threóir ar fad. Gach aonne ag rith amach 'n-a lomracán as a leapachaibh nuair bhí an ceanntar dhá léaspáil ón aer: ar bheagán éadaigh. Is beag é a shuim ann féin lé fada, é imthighthe 'n-a lomracán ar fad, a chuid éadaigh ní bheadh ar bhacach: gabhtha go dona i seanbhalcaisidhibh.

lomradh: *f.* (*-martha*) an brat olna ar fad a bhíos ar chaoire; brat trom féasóige. "Ní truimide an chaora a lomradh" .i. is dual di é. Bearradh duine éigin an lomradh gruaige sin atá anuas go guailnibh ort, déarfadh aonne gur bhean thu: mothal nó brat mór. Ní mór go n-aithneófá anois é tá lomradh féasóige fágtha aige air féin: brat nó fás fada tiugh. Báisteach atá ar na lomraidhe caorach san sa spéir: scamaill bhána bhoga i bhfeirm lomraidhe. Diabhal é sin chómh sprionnlaithe, cruinn, geairrid do féin go mbainfeadh sé an lomradh dhíot .i. an croiceann: ná fágfadh luid agat. Ar a bhfuil de chocaidhibh pasálta ar an bpáirc sin ní fhéadfadh gan lomradh maith féir do bheith uirthe: féar tiugh, trom. "...agus do dhlúthuigh sé lé chéile an lomradh agus d'fháisc de dhrúcht as an lomradh lán scála d'uisce" (Breith. VI. 37). An lomradh órdha. "Munar bheannuigheadar a leasracha me agus munar téidheadh é le lomradh mo chaorach" (Iob. XXXI. 20): an méid olna baintear de chaora.

lomrach: *a.* go mbrat maith olna, fás fada mar folt, féasóg nó sean-fhéar a leanas a chéile. Ná fuil faobhar saor camá bheith chómh lomrach: faid-fhéasógach. An ceann lomrach atá air: mothalach: gruaig ar nós olna ar chaoire. Féar lomrach budh dheacair a chrothadh as a chéile lé píce: a bhí in aon scraith mar bhíonn olann ag éirghe ón ndeimheas.

lomraim: (**lomruighim**) *b.a.* nochtuighim, bearraim, feannaim, scughaim. Lomruigh na prátaidhe sin gan rian croicinn d'fhágaint ortha go ndeineam prácas: scughaidh iad. T'anam 'on diabhal cé lomruigh do bhathas? níl greim ruibe ort!: a mhaoluigh isteach go préimh é. Lomruigheadar go maith thu, a fhir bhoicht, na hanchúinsidhthe, sar ar scaradar leat: mhealladar a's chúbláladar go leór leór ded chuid. Ghom lomradh a bhíos gach aonne nuair bhíonn rud agam a's me boigéiseach fé: ag priocadh uaim.

lon: *f.1.* éan fiadhain go gclúmh dubh, gaol leis an smólaigh aige, agus séise aige; lon dubh, an coileach, céirseach an chearc, go mbíonn néall teadh-bhuidhe 'n-a cuid clúimh. Lon abhann: gabha uisce: éan beag dubh níos cruinne 'ná an lon a ghnáthuigheas aibhnteacha, a dheineas a nead fé sconna a's tá an-ghann. Lon Doire an Chairn.

lon: *f.1.* aitreamh ciúnais idir dhá drochuain, cao, lom. Droch-chalaidh mío-aidh gur deacair a fhágaint nó teacht ann lé linn tairric ach lé lon: aitreamh ciúin fánach. Rithimís abhaile anois é ó tá lon againn, tá sánas ar an mbáistigh: eaga ghearra thirim idir dhá linn. Bím chómh gnóthach san ná faghaim lon ar aon rud do dhéanamh lasmuigh dhem chúram: cao. Táir ródhian ort féin ag síor-obair, tabhair lon duit féin: sos oibre. I rith na hoidhche ní tháinig aon lon ar an ngaoith ach ag séideadh léi ag baint phréamhach as thalamh: sos nó lagughadh.

lón: *f.1.* biadh, tómhas bídh i gcóir aistir, stór, soláthar i gcóir ganntair nó éigin; iostas; taisce. Is beag orainn lón do dhéanamh den saoghal so dá ghiorracht a's bhímid ann: tábhacht mhór do chur sa bheatha so .i. bheith ag cuimhneamh breis ar sheascaireacht saoghail annso i ndearmhad na beatha síorraidhe. "Go ndeinidh sé lón síorraidhe dhuit maran agat atá an dúil ann", deirtear lé duine go mbíonn ampla bídh air. "Gura b'é mo lón síorraidhe é má bhlaisim é, níl aon dúil agam ann", deir duine ag diúltadh don mbiadh

a bhíos dhá thafant air. Má tá an méid úd airgid caithte 'n-a ghiorracht aimsire ní mór an lón do dheinis de: taisce: an bainistighe a dheinis air. I mór-chuid áiteann deirtear go bhfuil na siopaidhe ar bheagán lóin: fíor-bheagán earraidhe bídh bailighthe taiscighthe lé haghaidh riachtanais. Mo thruagh é, a's mo thruagh go dealbh é is minic a bholg ar chaolchuid lóin: fíorbheagán bídh: ocras. Ná caithfeá amach do chárta? cad é an groga atá ag an lón a dhéanfair de .i. an amhlaidh do chuirfir i dtaisce é i gcóir ruda éigin? Is fada ag déanamh lóin dom-sa an fear san, a's gan uaidh ach an chao chun mo dhíthe do dhéanamh: droch-aigne ag bailiughadh aige dhom. Ag déanamh lóin atáim i gcóir scríobh liath an earraigh: ag cur i dtaisce i gcóir an chruadhtain. Is cuimhin liom im óige nuair imtightí leis an oidhche ar maidin 'on bhaile mhór ag triall ar lón na Nodlag: plúr, té, siúicre, coinnle, deoch, etc. i gcóir na trátha san. Tá sé ráidhte go bhfuil na Gearmánaigh ag bailiughadh lóin cogaidh chun ionsaidhte Shasana san earrach: armáil a's biadh. Gur b'é do lón déidheannach é, a chait, a árduigh mo chuid bainne leat: an rud deireannach a raghaidh id ghoile. "Is fearr teach beag agus teann lóin ná caisleán ar bheagán bídh": go leór i gcóir gach riachtanais. Mo lón doigh! is beag an mhairg do chuireann mo ghearánta-sa ar aonne ach orm féin: fairír géar! An té go mbíonn long a's lón aige gheibheann sé cóir (sheólta) lá éigin: an té go mbíonn gach nidh in ullamhacht aige ní baoghal ná go dtiocfaidh a chao tráth éigin. Mise ag déanamh lóin den gcárta so a's mar sciobtar uaim é!: ghá choimeád i gcóir gnímh do dhéanamh leis. "Caithfear lón a's aimsir do chaitheamh leis" deirtear lé gnóth tábhachtach nó aon rud nách mór do dhéanamh mar budh cheart. An bhfuil aon lón déanta i gcóir na síorraidheachta aige?: aon rud déanta ar son a anama. Aonne a chuireas é féin i gconntabhairt go mion minic is beag lón aige dhá dhéanamh ar a bheatha: bíonn sé neamhghuiseach 'n-a taobh. An saighdiúir bocht is beag lón is féidir leis do dhéanamh dá bheatha, ní fheadair sé ó indiu go dtí ambáireach: puinn tábhachta. Deineann an duine céadna lón de n-a mbíonn aige: is mór aige a chuid. "Agus beidh an lón san 'n-a thaisce ag an dtalamh in oirchill seacht mbliadhan na gorta...ionas ná aidhmhillfidh an talamh tríd an ngorta san" (Gen. XLI. 36): an méid atá curtha thart gan ídeach. "Ár sciobóil lán ag tabhairt an uile chineál lóin uatha; ár dtréada ag breith mílte agus deich mílte 'n-ár sráideannaibh" (Sailm CXLIV. 13): biadh a's beatha lé haghaidh a theastála. Ní fhéadfadh sé lón do dhéanamh d'aon nidh ach é do scaoileadh amach, tá sé chómh béal-scaoilteach san: níl ar a chumas rún do choimeád. Daoine gan aon bhrath rómpa iad, ní dheinid lón d'aonnidh: caithid gan cuimhneamh ar cad atá rómpa.

long: *b.2.* áthrach, aon árus mór a thráchtas an mhuir, 'sa ghluaiseas lé cómhacht seól, gail, nó aon ghléas eile, casc. Ar bórd luinge: 'n-a mháirnéalach ar áthrach ceannaidheachta nó cogaidh. Raghad im luing suain tá an codladh ghom thraochadh: im leabaidh: 'on tsop. Long mhaol dob eadh gan duine ná daoin ar bórd innte ach cat: long fé dhraoidheacht. "Long ar an bpoll nó bean ar a dheóin" .i. ní iarrfadh stad choidhche; ní róghleóidhte an rádh é ach tá sé coitcheann. Is minic do báthadh lán luinge mar gheall ar aonne amháin .i. go dtuitfeadh a lithéid amach mar gheall ar dhrochdhuine amháin a bheadh 'n-a measc. "Slighe fiolair ins an aer, slighe nathrach nimhe ar an gcarraig, slighe luinge i meádhon na farraige agus slighe an fhir lé maighdin" (Seanráidhte XXX. 19): is deacair do mheabhrughadh. "Tosach luinge clár, deireadh luinge báthadh". Lán luinge d'airgead atá ag an airiceach san: ní féidir teacht anuas ar a bhfuil aige dhe. Ag dul go Mearaice dhom ghabhas long i gCóibh: chuadhas ar bórd. Bád luinge .i. bád déanta

speisialta go daingean chun farraighidhe troma d'iomchar lé linn tréigthe nó báidhte luinge. Slios luinge: cliathán, torann na dtonn lé sleasaibh na long etc. Culaithirt luinge: gléas: seólta, crainn, slata, cáblaidhe etc. Tugadh ceangal lae a's lán-bhliadhna ar an luing mara mbeifí uaithe ach aon uair a chluig amháin: cuireadh chun ancaire í: feistigheadh í. Saor luinge: ceárdaidhe chun a ndéanta. Last luinge: ualach. Balast luinge: aon adhbhar trom mar clocha, cré, iarann etc. chun luinge do choimeád socair ó luascadh san uisce.

longa: *f.4.* dlúimh thiugh fola nách mór téachtuighthe. Fuil 'n-a longaidhibh ag teacht aníos dá scartachaibh: cnapáin.

longadh: *f.* (*-gtha*) itheadh, béile. Ar chaithis do chéad-longadh fós?: béile na maidne. Longadh ní dhéarnas fós .i. táim ar céalacan.

longmhar: *a.* go mór-chuid árus farraige. Sé Cuan Fionn Trágha an cuan nách longmhar: dealbh á luingeas.

longughadh: (**lonnughadh**) *f.* (*-uighthe*) cómhnaidhe, cur fé, fanamhaint, fuireach, maireachtaint. Cá bhfuil longughadh anois ort? ní san ait chéadna do bhír i gcómhnaidhe: seal fanamhna: cá bhfuilir ag cur fút? Cad é an treó den gcathair go bhfuil longughadh ort?: go bhfuilir ag maireachtaint ann. Cá fáth bheith ag déanamh lóin den saoghal so nách gearr é ár longughadh ann: áitreamh ar feadh sealaid. Mar gheall ar an longughadh a dheineas id dhiaidh san áit níor bh'fhiú dhuit gan fanacht liom: an eaga do chaitheas ann. An fonn longuighthe atá annsan ort ná fuil aon fhonn gluaiste ort?: fonn fanamhna níos sia ná mar is ceart. Is taomanach an mac, an fear céadna san ráidhte anois agat, ní bhíonn longughadh in aon áit air: ní fhanann sé chun cómhnaidhthe in aon bhall: ag síor-ghluaiseacht. Sin áit nár cheart duit bheith ghá longughadh tá sé róghéar, róchonntabharthach: ghá ghnáthughadh. Táim chun longuighthe sa chúinne seo anois a's ní chuirfidh bhur gcómhacht as me!: cur fúm agus fanacht ann. Bliadhanta ó shoin deineadh díoth-longughadh as a gcuid talmhan ortha a's d'imthigh an dimeleaghadh ortha: cuireadh amach iad...d'imthigheadar chun fáin. Áit mhaith longuighthe é seo, tá foithin ar gach sín ann: chun maireachtana.

longuighim: (**lonnuighim**) *b.a. 7 n-a.* cómhnuighim, sealbhuighim, gnáthuighim, cuirim fúm etc. An té a longuigheas annsan tá sé de chuma ar an áit gur fear de dheallramh é: a chómhnuigheas ann. Ná longuigh rómhinic an áit, seadh is mó bheidh fáilte rómhat: ná gnáthuigh é: ná téighir ar cuaird ann. Cloch os chionn cloiche níor fhág sé sa fallaidhibh chun ná longóchadh aonne ann: cómhnóchadh: chuirfeadh fútha. Dein aithrighe, ná longuigh i bpeaca, ní fios cathain ghlaodhfadh Dia ar dhuine: ná fan ann. Sin poll faille a longuigheann róinte riamh: go mbíd 'n-a sheilbh. An longóchair annsan go hoidhche?: moilleóchair.

lonna: *f.4.* an chuid den maide rámha go greamuightear lé linn rámhaidheachta.

lonnardha: *a. n-dh.* geal, glioscarnach, gléasmhar. An ghrian ag taithneamh go lonnardha ar an bhfarraige: ag rinnce fé n-a solas mar bheadh airgead leachta.

lonnrach: *a.* geal, solasmhar, gnéitheamhail. Is breágh liom t'aradha lonnrach chuireadh fáth do gháire taithneamh ar aonne: aghaidh go mbíonn luisne an tsubháilcis innte. Na buinn airgid go lonnrach fén solas: glioscarnach aca. Lannsa lonnrach an chloidhimh (na scine): geal, gléasmhar. Leag sí súil lonnrach orm: súil go raibh solas taithneamhach innte.

lonnradh: *f.* (*-nartha*) gile, gléas, gluardhacht, taithneamh datha, gléineacht, glioscarnach, deallradh. A's lonnradh na gréine ortha: taithneamh aoibhinn. Féach ar an lonnradh san ar fuaid na farraige go léir ó sholas na gréine: an ghléineacht ar nós an airgid bháin. Leanann lonnradh é pé áit go ngaibheann sé: aoibhneas a's taithneamh cuideachtan. Cad é an tsín atá ar an lonnradh a bhí thiar sa spéir airéir?: gile i lár scamall. Lé lonnradh soillse nuadha na sráideann do léighfeá páipéar ist oidhche: gluardhacht: gealas a's gléineacht.

lonnruighim: *b. n-a.* gealaim, taithnighim, deallruighim, faoidhim, glioscarnuighim. I bhfad sar ar lonnruigh an lá ná sar ar labhair an fhuiseóg do bhíos im shuidhe: gheal an lá. Níor lonnruigh an ghrian riamh air roim Lá 'lé Brighde: níor thaithnigh, shoillsigh air. Lonnruigh a shúile lé feirg: tháinig scáil, gléas ionta. Tréis an duartain lonnruigh sé go breágh: gheal sé a's thaithnigh an ghrian. Is ait é, dá mhéid moladh ar an bhfear gcéadna, níor lonnruigh mo chroidhe riamh leis: níor tháinig aon taithneamh agam do. Lonnruigheann sé mar cocán ar árdán lá gréine: tagann gléas iongtach 'n-a dhath.

lónuighim: *b.a.* cuirim biadh i dtaisce. Má tá ciall agat agus cumas agat air lónuigh do thigh i gcóir an chogaidh in aghaidh gannchair: cuir biadh a's beatha i dtaisce dhuit féin. Lónuigheadh an long i gcóir i dtaistil thar lear: cuireadh gannaidhe beatha innte.

lónuighthe: *a.r.* biadh a's beatha curtha i dtaisce, líonta. Táir lónuighthe go maith anois i gcóir an bhóthair. Is mór an iongadh má bhíonn ceal ná easbhaidh ort: go leór de gach rud a oirfeadh duit agat. Ó ná raibh an long lónuighthe a dóthain b'éigean a fuireann 'sa taistealaidhthe do chur ar mír-riar: ná raibh go leór i dtómas gach aonne.

lópa: *f.4.* sean-stoca, iarlais, duine neamhghasta. In ionad cabhrach do thabhairt dom is amhlaidh atá sé 'n-a lópa orm: iarlais: ciotaighe. Gan neach agam i mbun cléithe do chur ar mo lópaidhibh, mo mhéireannta a's mo shála ag teacht ar an saoghal tríotha: stocaidhe pollta, aindeise. Riamh ní rug an lópa mná san ar shnáithid, ar bhiorán chun fuaghála ná cnotála do dhéanamh: bean gan ghastacht.

lópais: *b.2.* duine neamhchríochnamhail, stollta. Lópais bhocht a longuigheas 'n-a aonar d'iarraidh bheith istigh 'samuigh gan chríochnughadh ná aird ná aonne a fhéachfadh 'n-a dhiaidh: aindeiseóir liobarnach. Ní de chlainn lópais mise agat chun ceann-fé do bheith agat orm: ní den gcoitchiantacht me: de dhaoinibh beag-is-fiú.

lorg: *f.1.* rian, casán, éileamh, caitheamh i ndiaidh, fonn; cuardach, soláthar, tóir, coipidhe, aithris. Thoir ná thiar ní bhfaghaim é, beidh lorg anois: cuardach .i. dá mhéid cuardach a déanfar air is baoghlach ná faghfar é. Cá bhfuairis é? shaoileas ná raibh ceann aca lé fagháil ar ór ná ar airgead. Ní holc é tu sa lorg: is iongtach thu chun ruda do

ghnóthughadh. Deirtear lé duine a gheibheas mórán ar iasacht nó in aisce ar fad, "ní holc é sa lorg": soláthraidhe maith é. Tair abhaile, tá duine éigin ar do lorg: duine gor mhian leis teangmháil leat ar chúram éigin. Buachaill ag lorg máighistir a's máighistir ag lorg buachalla: ar thriall adhmannais ó dhuine a's duine ar thriall duine a raghadh in adhmannas chuige. Táim ar lorg an tighe feadh an lae a's fós ní bhfuaireas: ag cuardach. Táthar ar do lorg: tá gnóth dhíot ag duine (dream) éigin. Is fada go raibh aon mhisneach aige, níl aon lorg ar an mbiadh aige: éileamh: fonn chun a ithte. An mbeadh lorg agat ar fheóil mhéith?: ar mian leat í. Beidh lorg maith ar gach saghas barra ambliadhna: éileamh: lucht ceannaidhthe go piaclach chúcha. Tá éileamh an domhain aige uirthe ach níl aon lorg, dubh ná bán, aice air .i. ní theastuigheann sé in ao'chor uaithe. Ná bac an té a chaitheas bheith sa lorg .i. ná bíonn rud aige féin a's gurb éigean do bheith ag iarraidh soláthair do dhéanamh ar iasacht nó ar cheannach. Níl aon mháchail ar an gcír (fiacal) aige ar an lorg d'fhág sé ar mo mhéir: rian: cómhartha: an chlais do chuir sé im chneas. Níl treasna na faille ach lorg caorach: casán caol. Fágfad-sa lorg mo láimhe ort-sa mara n-iomcharuighir thú féin: rian mo bhuillidhe. Leanam lorg na laoch a tháinig rómhainn agus troidimís anois ar son ár dtíre a's ár gcirt: deinimís aithris ortha: gaibhimís an bóthar céadna. Ag lorg ime i leabaidh con .i. ag cuardach an ruda ná fuil ann. Ná bíodh aon eagla ort go n-eiteófar thu, tá sé chun luirg agat .i. iarr é a's gheóbhair. Tá eagla an bháis air, tá sé ag lorg an tsagairt: ag éigheamh do bhreith chuige. Fuaireas uaidh é, dréigean bháis a's bheatha ach ní gan lorg é más eadh: impidhe dúthrachtach: a iarraidh go cásmhar, truaighmhéileach. Ar mo lorg-sa ataoi, an eadh?: an bhfuilim maith lé haon chúram? Ar lorg eólais ná geóbhaidh sé atá: tá sé mós fiosrach. Is dóigh mhuis, cé ná fuaireas an rud a chuaidh amugha orm tá sé fém lorg in áit éigin: tá ann dá mhéid mo chuardach. Beifear ag lorg airgid orainn chun scoile nuadha do thógaint: ghá iarraidh orainn. Cad tá agat dhá lorg ar an dtigh sin?: cad luach atá uait air.

lorga: *b.5.* cos, cnámh na coise ón nglúin go dtín alt, sámhthach. Is dóighte an buille do gheóbhadh duine i gcnámh na lorgan. Ní ceal lorgan atá air ná go mbeadh coisidheacht a's siubhal aige: ceal cos fada. Ná cuir lorga do shluaiste thar a riocht tá sí rólag: an tsámhthach. Lorga bó, capaill etc.: an cnámh anuas ón speir go rúitín. Do chaillis do mharcaidheacht, tabhair na loirgne anois do: siubhluigh é. Gaibh amach, a loirgne dóighte, nó caithfead ar do cheann isteach innte (teine) tu: duine a bhíos ghá ghríosadh a's ghá bhreacadh féin leis an dteine. Seo lorga coinín duit lé n-itheadh: cos: lámhóid.

lorgaire: *f.4.* tóraidhe, cuarduightheóir, soláthraidhe, leantóir. Má bhí lorgaire riamh i ndiaidh fir tá sé 'n-a dhiaidh anois – a bhean – poll ná póirse ní fhágfaidh sí gan dul ar a bholadh: cuarduightheóir. Is annamh a théigheann aonne i ngoire an oileáin iargcúlta san ach pé turus do thugann lorgairidhe éan a's coinínidhe ann: daoine a bhíos ar a dtóir. Lorgaire maith franncach an madra san: bíonn sé go dian ar a dtóir a's dá gcoscairt. Lorgaire dícheallach, dúthrachtach a bhaileóchadh a bhfuil de choraibh cainnte fós ges na seandaoinibh: taighdeóir. Aon rud a chídheann sé bíonn sé uaidh, lorgaire neamhnáireach é: iarrthóir: déirceóir.

lorgaireacht: *b.3.* tóraidheacht, iarraidh, déircínteacht, cuardach, scrúdughadh. Bíodh rud agat féin a's ná bí ag lorgaireacht ar an nduine seo a's ar an nduine úd: ag iarraidh. Ag lorgaireacht na farraige d'iasc, fógair é, nuair gheóbhfá in áit áirighthe: ag rith d'iarraidh

é d'fhagháil ó bhall ball. Ag lorgaireacht ataoi riamh, ní fheaca faic den tséan riamh ded chuid féin agat: ag déircínteacht thall 'sabhfus. Níor stad an lucht ceannais dá lorgaireacht gur bhailigheadar oiread fiadhnaise gur bh'fhéidir leó me do chúisiughadh: taighdeadh agus géar-scrúdughadh. Ní ceal lorgaireachta dho é ná fuil bean aige: ag éileamh ban i bpósadh. Bean bhocht í sin a mhaireann ar an lorgaireacht: ag iarraidh a déirce.

lorgánach: *f.1.* leadaidhe, scraiste díomhaoin, scaoinse. Más maith leat do ghnóth bheith gan déanamh tabhair don lorgánach san é: duine leisceamhail, neamhshuimeamhail. Féach na lorgánaigh! nách ortha ná fuil goth na hoibre a's a ndrom lé falla aca: scaoinsidhe: daoine díomhaoine gur cuma leó céaca. Geimheal lorgánaigh geimhridh gortach: sin é díreach atá i ndán do. Ó osclaim an doras ar maidin go ndúnaim tráthnóna é bíonn lorgánach chugham 'sa lámh sínte aige: duine éigin ag iarraidh cabhartha.

losad: (**lusad**) *f.1.* clár fuinnte, friochtán. Cuir an maircréal ag róstadh ar an losad: aon tsaghas gléis iarainn a choingbheóchadh é.

loscadh: *f.* (*loiscithe, loiscighthe*) dóghadh trom, scóladh, cruadhadh le teas tóiteán. Loscadh ort maran me ná féadfadh aon lámh do dhéanamh díot: scóladh: iomard, míoádh ort. Mo chroidhe dhá loscadh ag feitheamh leat thar na tráthanna a's gan tú ag teacht: dhá dhóghadh: imshníomh a's scannradh orm id thaobh. Tá do bhróga dhá loscadh gen dteine, druid siar uaithe: an teas ag milleadh an leathair ionta. Loscadh air mar chogadh, is é atá ag cur buadhartha a's iomaird ar dhaoinibh bochta: droch-rath air. Nuair chonnaic an Púncán an loscadh a bhí déanta ar Lonndain, ghoill sé air dréir na bpáipéar: an scrios a bhí déanta gen dtóiteán go léir ón aer. B'é an loscadh liom ná rabhas i ndán bheith ann mar budh mhaith an ceart: an crádh géar croidhe. Cuir biadh guirt loscadh doighe orm: motháilt theasaidhe neamhshubháilceach sa ghoile. B'éigean do an dochtúir do lorg lé loscadh fuail: tinneas uisce: iomard ar an lamhnán nó sa dubháin a ghoilleas ar an mún. Tugadh loscadh 'n-a mbeathaidh go gach bráighe aca: iad do chaitheamh i dteine nó in uisce beirbhthe gur éagadar. Má fuair aonne riamh loscadh ó n-a chlainn fuaireas-sa é, rud éigin náireach dhá déanamh in aghaidh an lae aca: crádh a's buaidhreamh.

losna: *f.4.* an daradha beag lag a chuibhrigheas an dubhán leis an stoc (an chuid láidir) d'fhonn a's go mbeadh sé iascamhail.

lot: (**lat**) *f.1.* díoghbháil, máchail(iughadh), gortughadh, scriosadh, dochar, goin, dithiughadh. Mo lot é!: mo chreach é. "Ar chualaís gur chaill Seán chúig púint?" – "mo lot é! aon mhairg ní chuireann dochar Sheáin orm". Mo lot, ná rabhas ann, is mise an buachaill a thabharfadh an t-éitheach do-san: mo thruagh. "Tá sé loitighthe agam, is oth liom é" – "lot leidhbe gan leasughadh ort féin a's air féin!" (seanbhlas): milleadh ar fad air. Cad n-a thaobh me do lot? bhí ag éirghe liom go maith gur chuiris-se do cheann sa scéal: díoghbháil do dhéanamh den rud a bhí ar siubhal agam. Ní feabhas a dheineas síorchuradóireacht do thalamh lag ach lot: é do lagughadh: an bhrigh do bhaint as. Lot a láimhe féin ar an gcearrbhach .i. bíodh a mhilleán air féin nár imir a chártaidhe mar budh cheart. Níl leath bhur ndóthain slighe agaibh chuige, tá an iomad agaibh ann, ag lot a chéile atáthaoi: ag teacht treasna ar a chéile 'sag cosc an ghnótha. Má fágtar ár mbuille

sinn a's gan bac linn, ní mór ar fad an lot an cogadh so orainn: an díth dhúinn é. Budh thruagh leis gach aonne go raibh aithne aige air lot a láimhe: gortughadh nó gonadh. Ar an dtuiteam árd gráineamhail do fuair sé ní raibh lot rómhór ar a chorp: ní raibh oiread san créacht ná cnámha briste ann. An t-ólachán atá ghá lot: ag déanamh a dhíthe. Lot mór ar an iasc gan é do chur ar salann go luath tréis beartha air: diomáiste: cur siar.

luach: (**luacht**) *f.3.* an méid is fiú, fiúghantas, an cháilidheacht in aonnidh gur mian lé duine é nó a dheineas áiseamhail é, costas, fiacha, fiúghantas ruda i gcómhnáird lé rud eile, an méid is fiú aon nidh ar malairt, i sclábhaidheacht, fóghantas, etc. cúiteamh, díol fiach; tábhacht; margadh. Cad é luach na mbróg so?: cad is fiú iad?: cad tá 'n-a ndiaidh? cad é an méid airgid atá dhá lorg ortha. Níl luach an tobac féin agam: oiread airgid agus cheannóchadh. Bheadh luach a shaothair ag aonne tréis na hoidhche d'iasc: oiread agus chúiteóchadh a sclábhaidheacht. Nár thugaidh Dia luach tairbhe do ghnótha dhuit maran neamh-aistreach a bhís ag cabhradh leis an rud suarach san: ná raibh luid dá bharr agat. Púnt fiacha na mbróg ach ní hé a luach é, in aon tigh eile thabharfá breis ortha .i. sin é an méid atá dhá éileamh ortha ach is fiú a thuilleadh iad. Is mór é luach na foidhne an té go dtugann Dia dho í: toradh. An té a thugas i gcarthanacht gheibheann sé a luach ó Dhia: díol fiach: a chómh ar shlighe éigin. Thugas a dhá luach ar na brógaibh seo mar ná fuil ionta ach leighcididhe: dhá oiread is fiú iad. Beidh luacha móra ar sheifteannaibh feasta i rith an chogaidh: airgead árd ar nidhthibh a ceannófar. Ní dhéanfaidh sé aon luach mór duit bheith d'iarraidh brabúch do bhreith ar na daoinibh: aon mhaitheas. Nách dóigh leat ná go bhfuaireas luach mo phingine: cuid mhaith ar an méid do thugas air. Dá mbeadh rud lé fagháil ar a luach cheannóchainn é: rud ar mhargadh comhthromamhail. Luach maith an capall san ar fiche púnt: margadh maith. Níl aon luach san iasc san, tá sé bocht uisceamhail: níl an cháilidheacht ann gur fiú puinn é. Is fearr de luach an chulaith seo ar chúig phúint 'ná do chulaith-se ar a hocht: ar iad do chur i gcómhnáird is fearr de mhargadh í. Dá mbeadh luach an turusa agam raghainn 'on chathair: costas. Luach airgid seadh talamh aon lá: geall lé hairgead .i. is féidir airgead maith d'fhagháil air tráth éigin. "Tá an croiceann 'sa luach agat": deirtear lé duine. Díoladh an áit fé n-a luach: fé bhun an méid is fiú é. Tóg ar a luach é: an méid atá dhá lorg air (is fiú san é). Níl airgead agam ná a luach: aon rud go ndéanfainn de é. Airéir bhí sé an-shuarach ach tá luach bó d'fheabhas air indiu: biseach mhór. B'olc an luach uait bheith ag cúl-chainnt ar dhuine a dhein an oiread maitheasa: díolaidheacht: an cúiteamh. Chongaibh sé pinginidhe tuarastail uaim ach má mhairim beidh a dhá luach agam as: dúbailt cúitimh. Chuiris chun a luacha go maith é: thairngis oiread go maith air agus is fiú é. Is beag an luach aige sin lá oibre do thabhairt do dhuine: ní mór an tsuim aige é: dhéanfadh go fonnmhar é. Bhaineas luach mo chuid airgid go maith as an seanchapall: b'fhiú an méid oibre a dhein sé dhom an tsuim do thugas air. Ní mór an luach é an lá b'fhearr é: ní mór dob fhiú. Luach mór agam-sa tusa .i. tá meas mór agam ort. Díolfad-sa thú dréir do luacha: dréir an tsaothair do dhéanfair dom.

luachair: *b.5.* geitridhe. "Dá mbeadh sop luachra agam chuirfinn féd chosaibh é", deirtear lé háthas duine do theacht nár ghnáth leis cuaird do thabhairt. Béas dob eadh luachair do chur amach ó bhéal dorais gach tighe oidhche Nodlag don Mhaighdin chun siubhail isteach uirthe.

luachair: (**dubhluachair**) *b.3.* sioc, fuacht. I ndubhluachair na bliadhna ní mór d'ainmhidhthibh cineal d'fhagháil istigh mar ná bíonn aon phriocadh amuigh aca .i. tráth bhíonn an aimsir an-fhuar, an-íogair. Mo chómhairle dhuit bheith críochnamhail a's lón do dhéanamh i gcóir an dubhluachra: an lae chruaidh. Fan go mbéarfaidh an dubhluachair air, ní bheidh oiread teasbhaigh air: an aimsir chasta, ghanntrach.

luachmhar: *a.* go gcáilidheacht mhór, gur fiú mórchuid, mór-thábhachtach. "Is luachmhar an rud an t-anam" ars an tailliúir a's é ag teicheadh ón nganndal: rud gur bh'fhiú suim mhór a's tábhacht do chur ann. Is iomdha rud luachmhar curtha ar tóin puill ag báid fé thuinn: rud nó earra dhaor: a chosain cuid mhór maoine. Is luachmhar an t-ainmhidhe ag duine bocht capall maith: mór is fiú: go bhfaghann a bharr go maith trí obair.

luachmhaire: *b.4.* ar aiste bheith luachmhar, mórthábhachtach. Ní scarfadh sé leis ar aon rud, is mór aige a luachmhaire: an méid is fiú é. Na peictiúiridhe áitrighthe a's na seanrudaidhe atá loiscighthe ges na hionsaidhthibh aoir seo, a luachmhaire ní féidir do mheas: a ndaoire lé n-a bhfeabhas a's a dtábhacht. Luachmhaire m'anama roim aon rud eile: an tsuim mhór a's an lúib istigh atá agam ann.

luadh: *f.* (*-aidhthe*) corruighe, mothalughadh, tagairt do, cainnt ar, geallamhaint phósta; labhairt ar. Níl aon luadh ar an muir indiu, tá sí ar nós na gloine: corruighe. Ná bí ghá luadh le haonne go bhfeacais annso me mar nár cheart dom do bheith ann, sé mo dhualgas do bheith i mball eile: ghá rádh. Ní chloisim aon luadh ar aonne bheith ag pósadh fós: aon trácht. Sin í an cailín atá dhá luadh leis .i. adeirtear a bheas mar chéile aige. Ní dubhairt sé as an gceann tsláine liom é, ach bhí sé ghá luadh: ag tabhairt éachtainte.

luadhail: *b.2.* corruighe, gluaiseacht, luadar. Chómh balbh lé cloich, gan aon luadhail n-a theangain .i. ná féadfadh sé aon áis do bhaint aiste. D'imthigh luadhail a ghéag nuair fuair sé an poc millte úd: neart corruighthe. Ní fheaca aon rud riamh gan anam ach é, gan aon luadhail ann: corruighe, cor. Fé theas na gréine budh bhreágh liom suidhe ar phort na habhann 'sa bheith ag luadhail mo chos san uisce: ghá gcorruighe.

luadar: *f.1.* neart nó cómhacht corruighthe nó gluaiseachta, éascaidheacht, mire, brigh, feidhm, lúth. Tá an tsláinte a's an croidhe aige chómh maith agus bhí riamh ach gur imthigh dá luadar, ní fada is féidir leis siubhal: áis na gcos. An uair úd do briseadh a chos baineadh dá luadar é, ní raibh an mhaith chéadna ó shoin ann: chaill sé lúth na coisidheachta. Buaileadh an rón i gcródh an chinn lé bata faobharach daraighe a's baineadh dá luadar é: dá threóir: cumas corruighthe. Seadh, is maith uait teacht chómh fada ó bhaile ar thuairisc na ndaoine breóidhte, nár bhainidh Dia ded luadar: de neart gluaiseachta. Corruigh thú féin, táir chómh mall lé silimide, cá bhfuil an luadar?: éascaidheacht coisidheachta. Ó, a ghrádh gil, is mór an luadar é, cad chuige an deabhadh go léir?: fuadar gluaiste. Deirim leat má dheineann go leór cainnte dho é, ná fuil aon cheal luadair teangan air: ceal cómhachta áis do bhaint aiste. Go bhfágaidh Dia a luadar againn go léir: áis ár ngéag a's lúth corruighthe. Ar a luadar atá sé agat teacht suas leis, tá sé i bhfad 'si bhfad chun tosaigh ort: ar lúth: ar mhire do shiubhail. Budh mhór an luadar i

ndeireadh a shaoghail thiar do fiche míle do shiubhal: brigh cuirp. Dá mbeadh luadar mo dhóthain agam-sa dhuit chuirfinn cabhán ort ná fillfeá ar an áit seo airís: coisidheacht (siubhal) chun beartha ort. Deirtear lé duine breóidhte, "go gcuiridh Dia i gceann na maitheasa dhuit a's go dtugaidh Dia do luadar duit": tú do bheith i ndán siubhal amach.

luadhaim: *b.a.* corruighim, mothaluighim, tráchtaim ar, tagraim do, molaim le, geallaim i gcleamhnas. Cé luaidh riamh leis é do bheith fial, an cníopaire gorta?: cé thagair do é? cé a áirmhigh go raibh. Dar fiadh is lán-mhithid dóibh pósadh is fadó 'e bhliadhantaibh ó luadhadh iad: ó tráchtar ortha geallamhaint phósta bheith eatartha. Is iomdha cailín a luadhadh leis, a's gan aonne aca aige indiu: a hainmnigheadh a bheith mór leis. B'fhada dhóibh in achrann dlighe mar gheall ar theórainn an dá thalmhan sar ar luadhadh lé haonne aca í: moladh do. Dá luadhadh sé liom-sa, ach smiog ní tháinig as a bhéal, go raibh easbhaidh airgid air dhéanfainn cúl-tacaidheacht leis: dá n-abradh nó dá gcuireadh in iúil liom é. An rud go mbíonn a fhios ag beirt bíonn a fhios ag triúr, a's an rud go mbíonn a fhios ag triúr bíonn a fhios ag an saoghal mór, mar sin ná luaidh lé daon é: focal ná éachtaint ná scaoil le haonne. Luadhadh air gurbh é a mhairbh é, ach ní raibh aon deimhniughadh air: deirtí ós íseal ameasc daoine é. Fiche púnt do luadhadh do as a chapall do mharbhadh air: d'órduigh an dlighe d'íoc leis mar chúiteamh. Coirce na cuaiche is leis nár luadhadh an mhin .i. an coirce do cuirtear coighcíos de shamhradh ní bhíonn an toradh 'n-a chraoibh.

luadrach: *a.* mear, míoshuaimhneasach, corrathónach, giodamach, guairneánach, lúthmhar. Seanduine maith luadrach seadh fós é dá mhéid é a aois, ag obair 'sag gnóth mar bhí sé riamh: lúthmhar. Sin é asal is luadraighe dá bhfuil sa cheanntar, in aon áit ní fhanfadh sé: corrathónach: siubhlach. Ná bí chómh luadrach ar an dtochta, táir ag suathadh an bháid: guairneánach. Tá sé tagtha chuige féin ón ngortughadh úd, chómh luadrach a's bhí riamh: an lúth a's an cumas céadna ann. Níor mhór dod choin do bheith níos luadraighe 'ná thú chun beartha ar an míol muighe úd: mire.

luadráil: *b.3.* ráfláil, cainnt choitcheann, "dubhairt sé dábhairt se", clostrácht. Áirighim go raibh luadráil chleamhnais idir an mbeirt más fíor bréag: tagairt éigin do, ceart nó mícheart, an fhaisnéis. Is iomdha san rud a bhíos i luadráil na ndaoine ná fuil sa phaidir: "dubhairt sé dábhairt se", cainnt dhíomhaoin na ndaoine. Ar chualaís aon luadráil cleamhnais?: aon chlostrácht go raibh a lithéid ar siubhal. Chuala luadráil go raibh páipéar nuadh Gaedhealainge lé cur ar bun: cunntas nó trácht ná fuil aon deimhniughadh agam air, fíor nó bréag. Is measa go mór anois é 'ná aon tsean-bhean ag luadráil, má bhíonn scéal ó Chorcaigh aníos beidh aige a's scaipfidh é: ag leathadh a bheag 'sa mhór de nuadhacht. Deinidh rud éigin chun bhur gcothuighthe a's ná caithidh bhur saoghal ag luadráil ar na bóithribh mar sin: ag comhchainnt gan éifeacht. Ag luadráil cois teineadh seadh chaitidís furmhór na n-oidhcheanta geimhridh: ag cur rudaidhe trí chéile go muinnteardha, neamhghuiseach.

luaidhe: *b.4.* (*iol.* –dhte) miotal trom sochasta bán go dtagann teimheal liath air, iomchar. Brathaim mo chnámha chómh trom le luaidhe indiu, is baoghalach go bhfuil fuacht fachta agam: trom: neamhéascaidh. Luaidhe i bhfad róthrom í sin chun iascaigh ní bhrathfá aon bhreac ar do dhubhán aice: iomchar déanta den mhiotal so. Spéir ar dhath na luaidhe:

liath-dhorcha. “Do shéid tu léd ghaoith, d’fholuigh an fharraige iad; do chuadar faoi amhail luaidhe ins na huiscidhibh láidre” (Ecs. XV. 10) .i. gan aon mhoill. Peann luaidhe. Ní luaidhe do chosa?: nách neamhéascaidh ataoi?

luaidhte: *a.r.* áirmhighthe, ráidhte, geallta lé pósadh, corruighthe, molta, bronnta. Bhíodh sé luaidhte air gur bh’é an fear tuaithe ag dul ’on bhaile mhór budh mhó neart é: ráidhte go coitcheann. Beidh díombáidh ort a chlos ná fuil t’ainm luaidhte in ao’chor chun oibre d’fhagháil: áirmhighthe: gan aon trácht uirthe. Bhíodar luaidhte lé chéile ar feadh scathaimh bhliadhan sar ar phósadar: geallta. An sean-ráfla go raibh sé i gcoinnibh aon airgid do tharrac don gceanntar luaidhte airís: curtha ar siubhal: leathta. Anamacha luaidhte Chríost: na fíréin. Is cuma dhíbh tá an cluiche luaidhte libh, connus mar dheineabhair: molta dhíbh: an bhreith ’nbhur bhfabhar. Ar an ndroichdheallramh atá ort, tá an bás féin luaidhte leat: ní bheadh súil ag neach lé n-a mhalairt.

luaidhteachas: *f.1.* trácht. Gach aon rud ’n-a thaobh marbh, níl aon luaidhteachas air anois dá mhéid an méala a deineadh tamall de: aon trácht. Is beag luaidhteachas a deintear d’iascach annso anois ó cailleadh na margaidhe .i. is annamh do thagrann aonne dho. Ní hé mo luaidhteachas-sa é, tá sé cloiste agam ó mhórchuid: mo cheapadh-sa.

luaigheacht: *b.3.* tairbhe, aisce, cúiteamh, grás(t). A luaigheacht ó Dhia go bhfaghair, lámh do thabhairt leis na boicht: go gcúitighidh Sé leat é. Is mór an luaigheacht ó Dhia dho dhuine crích éigin do chur ar an aindiseóir bocht, dealbh: gníomh déanta lé cineáltacht a’s deaghchroidhe. Luaigheacht ó Dhia do bheith chómh macánta, díreach: grás(t) ó Dhia. A sheacht luaigheacht go bhfaghair: a sheacht thairbhe. A luaigheacht nár fhaghair a bhuail mo chárta a’s gan me aon chúig: pioc tairbhe nár shroichidh tú dá bharr.

luaim: *b.2.* tlacht, cochall, scáth. Níor léir dom a ceannaghtha, bhí luaim ar a haghaidh: scáth, clúdach.

luaimneach: *a.* mear, tapaidh, éascaidh, aiclidhe, ceólmhar, luath. Cú luaimneach í sin, is beag girrfhiadh riamh a rug na cosa uaithe: go bhfuil mórán siubhail aice. Dathacha d’fháig mo chosa-sa gan bheith luaimneach: gan puinn tapamhlachta. Bí ag cur díot go luaimneach faid bheir saor anois nó má beirtear ort cuimhneochair air an dá lá dhéag a’s mhairfir: go luath, ceólmhar. Inntin ró-luaimneach aice do mhanoi féin, an fear go mbeadh sí i ngrádh indiu leis, ní leis do bheadh ambáireach: luath: díombuan: taomnach: taodach. Is luaimnighe girrfhiadh ’ná coinín: is mire: is mó an rith atá aige. Pé rud atá orm tá mo chroidhe an-luaimneach: gach aon phreab aige. Bhítheas luaimneach lé tógáil an tighe seo: ní rabhthas i bhfad dhá thógaint. An saoghal luaimneach so, cad fáth an oiread lóin do dhéanamh de: duthain: ná mairfidh ach seal. Chómh luath agus cnagadh ar an ndoras is é a bhí ’n-a shuidhe go luaimneach: tapaidh: éascaidh. Siúd é do phósfadh go luaimneach, dá aosta é, dá bhfaghadh bean: ag preabarnaigh. Cad tá ar siubhal ar an mbaile indiu? chídhim na daoine go han-luaimneach síos, suas: ag teacht is ag imtheacht go fuadrach.

luaimneacht: *b.3.* éascaidheacht, taodacht, taomnacht, ceáfráil. Lé n-a luaimneacht sciob sé an t-airgead dem láimh sara raibh a fhiosa faic agam: éascaidheacht: gastacht

thapamhlachta. Ní mór go raibh an capall léimthe sa tsiubhal ná phreab sé 'n-a cheann a's stad é, níor fhág an luaimneacht an fear céadna riamh: tapamhlacht chun gnímh obainn do dhéanamh. Bheadh an ghaoth aniar indiu a's anoir anocht, fair a luaimneacht: a luaithe: taodacht. Féach ar an slighe shonaoideach do chaitheann an t-ualach trom san, tá luaimneacht 'n-a chnámhaibh: fuinneamh a's líomhthacht. Luaimneacht an domhain uile air indiu, níl luighe earbaill in aon áit air: corrathónacht.

luain-chreach: *b.2.* milleadh trom; scriosadh glan. Luain-chreach ar an té ná leigeann dom féin a's gan me chuige ná uaidh: droich-chrích air. Nách é an luain-chreach é, talamh saidhbhir ag imtheacht bán ar fuaid na hÉireann gan cur a's gannchar cruithneachtan orainn: an mío-ádh amach 'samach é. Na hiascairidhe sin go léir ón aon bhaile do bháthadh in aon oidhche dob é an luain-chreach é: an scrios uathbhásach.

luaiscim: *b.a. 7 n-a.* bogaim ó thaobh taobh sall 'sanall, crothaim (mar an ghaoth), rácálaim. Luaiscfir an bád, tá sí baoth, mara suidhir socair innte: corróchair an bád ó thaobh taobh go mbeidh leathcheann uirthe. Nuair séideadh na pléasclacha an lá fé dheireadh do luaisceadh na tighthe a bhí in athchomaireacht: crothadh iad: corruigheadh iad ó bhonn aníos go creathach. Ón gcéad lá a luaisceadh tu táir ag déanamh buaidhrimh dom: ó bogadh sall 'sanall i gcliabhán thu. Luaisceann long i bhfarraige shuaidhte: claonann ar thaobh agus annsan ar an dtaobh eile. Mara gcuirtear an chloch san i gceart i leabaidh sa bhfalla luaiscfidh sí: corróchaidh sí go neamhshocair. Duine uaigneach ist oidhche seadh é dá luaiscfeadh brainnse ar chrann scannróchadh sé i leith a's gur púcaidhe do bheadh ann: dá gcorróchadh lé gaoith. Luaiscis me leis an gcainnt bhuirb a tháinig uait: chorruighis me: bhainis preab asam.

luaith: *b.2. 7 3.* smúit tirim, mhín liath nó bán a fágtar tréis aon ruda do dhóghadh. Níl sa phíp seo ach an luaith .i. tá ceal tobac uirthe. Leadaidhe na luatha: duine fuar, díomhaoin a ghnáthuigheas cúinne na teine. Scannróchadh a chrot thu, ní fheaca riamh a dhath ar luaith ná ar lathaigh: gan aon tsaghas datha go bhféadfá ainm do chur air. Ní raibh riamh agaibh ach an luaith bhuidhe .i. an luaith is measa a théidheas ceangailte in éadach, etc., a's go mbíonn boladh uaithe .i. ní raibh faic riamh agaibh. Is cuma dhíbh, tiocfaidh bhur gcuid bídh ó neamh chughaibh, acht fanacht sáidhte sa luaith: cois teineadh do shíor. Agus do theilg sé me sa lathaigh ionnas gur cosamhail mé ré cré a's lé luaith: smúit ruda dóighte. Is é fear na cruaiche a chuireas fear na luatha: fear na maoine go seascair istigh, fear an dealbhais amuigh fén sín aige. Chaithfeadh sé an luaith dhearg ort .i. tá an ghráin mhairbh aige ort. Ná tairng an luaith trí n-a búndún (píp): ná hól go tóin í. Captaen na luatha: captaen nár throid i gcath riamh. Iascairidhe na luatha ní dual dóibh iasc: iad so a fhanas ar an bport. Ní haon tsaighdiúiridhe luatha atá ag an nGearmáin agus é deimhnighthe aca: ainmiúchas saighdiúiridhe: saighdiúiridhe cois baile. Chun dí-mheasa do thagairt do bhaile deirtear, "baile na luatha buidhe".

luaithe: *b.4.* tapamhlacht, mire, éascaidheacht, aicillidheacht, moiche, grodacht, tráthamhlacht. Chuir sé iongadh ar gach aonne a luaithe a bhís indiu, mar de ghnáth bír déidheannach: tráthamhlacht: in am nó roim am. Ní beag d'aonne a luaithe thagann an bás: dá fhaid fhanann uainn ní misde sinn é. Nách ort atá an deabhadh chun pósta, ní beag duit a luaithe creid ó dhuine é gurb eól do: dá fhaid a chuiris ar gcúl é, ní díth ná dóchar

duit sin .i. ó n-a thaithighe ní áthasaighe thu. Ghluais sé ar luaithe na fáinleóige d'iarraidh éaluighthe: luas nimhe fé. An luaithe go léir atá lé sciain ann, is air nách mór an mhoill spóla do ghearradh: tapamhlacht a's clisteacht. Ar a luaithe atá a tharrac agat, tá mórchuid rómhat a's gan puinn eaga agat: dá mhéid deabhaidh a dhéanfair beidh do dhóthain mór cúraim ort éirghe leat. Is deacair buadhachtaint ar an sagart san lé luaithe chun aifrinn do rádh: tapamhlacht. An luaithe freastalófí annsúd ort is mór go léir an subháilceas é: a éascaidheacht .i. gan aon mhoill fanamhna do choimeád ar rochtaire. Bíonn an luaithe i gcómhnaidhe aige ag teacht abhaile: in am thráth i gcómhnaidhe. Riamh, riamh tá an luaithe ghá leanamhaint: aon rud a bhíos lé déanamh aige bíonn sé déanta aige in aimsir ghrod nó roim aonne eile go mbeadh a shaghas cúraim aige. Is olc an barra atá ar an áit sin a's a luaithe do cuireadh é: in aice nó roim thúis an tsaosúra chuige.

luaithreach: *f.1.* luaith, smúit dhóighte. Céadaoin an luaithrigh: an chéad lá den gCarghas tréis Máirt Inide, ainmnighthe mar gheall ar an luaith do chuimilt d'éadanaibh i gcómhartha aithrighe. Ar maidin tréis na hoidhche pléascála ní raibh sa tsráid ach luaithreach: cnocáin luatha a's smúite déanta d'aon rud a dóghfadh. Ar an bhfuadar atá fútha ar gach taobh déanfaid luaithreach de chathrachaibh a chéile leis na pléascánaibh loiscighthe seo atá aca: ní bheidh 'n-a ndiaidh ach cnocáin luatha in ionad tighthe. Glan an luaithreach den dteinteán sara n-aduighir an teine: an tsmúit dhóighte. Deineadh luaithreach dhíobh sa tóiteán gan aon dul ar éalódh aca: dóghadh iad ná raibh faic fágtha ach smúit.

luaithghríos: *b.3.* (**luaithghríosach**) luaith the sméaróideach. Ní fheadraís ach an blas gleóidhte a bhíos ar phrátaidhibh a róstar fén luaithghríosaigh: luaith the a's sméaróididhe dearga. Chuirfinn fén luaithghríosaigh é dá bhfaghainn chun mo láimhe é: dóghadh gránda go gceanglann an luaith the dhearg isteach 'on chroiceann.

luaithreán: *f.1.* cnocáin luatha, rian láthrach teineadh, smúit éadtrom. Thíos san úin fuairtheas luaithreán in árus cré, dubharthas gur luaith duine í: rud éigin a bhí tuitighthe as a chéile 'n-a smúit lé goilleamhaint teineadh. Tréis an méid ionsaidhthe atá déanta ar Lonndain deirtear go bhfuil a lár 'n-a luaithreán ge pléascánaibh loiscighthe: gan ann ach an smúit a fhanas tréis teineadh. Mar ar chuir na tuinncéiridhe fútha airéir d'fhágadar luaithreán: láthair teine.

luaithrighim: *b.a.* mínighim ar nós smúite, scaipim smúit ar. Luaithreóchaid tighthe agus sráideanna ón aer: leagfaid iad agus dóghfaid ná beidh dá rian ann ach cnocáin smúite dóighte. Scuab isteach láthair na teineadh a's ná luaithrigh me: ná cuir luaith lastuas díom: ná sailigh lé luaith me.

luaithriughadh: *f.* (*-ighthe*) míniughadh, do dhéanamh ar nós na snaoise. Sin é an fearas, an t-inneall so, nách fada an mhoill air bóirneacha do luaithriughadh, do bhrughadh a's do bhriseadh chómh mín lé gainnimh.

luan: *f.1.* an dara lá den tseachtmhain; an lá tréis an Domhnaigh. Lomadh an luain air (eascainghe): lomadh, scrios uathbhásach. Liach luain (eascuinge): go rabhthas id

chaoineadh go fuideach. Nách diail an deabhadh atá ort, fan go luan .i. ar feadh tamaill mhaith. Seachain margadh an luain níl sé éirightheach. Budh dhícheallach an fear chun an tsaoghail é, b'fhada leis uaidh an luan: tosach na seachtmhaine oibre. Neach mhic an luain ní raibh 'n-a measc a chuirfeadh fáilte rómham: duine ar bith. Níl neach mhic an luain ar an sráid lé n-a dhéidheannaighe: caonaidhe.

luas: *f.1.* ₇ *3.* mire, gluaiseacht mhear, tapamhlacht, siubhal, sainrith. Lean ort, níl aon ghalar fén spéir ná fuil ort, luas croidhe a's luas anála a's gach aon luas eile: bualadh róthapaidh croidhe a's saothar. D'imthigh sé mar shádhfá na gadhair leis i luas an éin. Dá bhfeictheá í sin ag scríobh seadh déarfá go bhfuil luas mear aice: mire a's éascaidheacht. Dá luas a ritheas ní rabhas ábalta ar é do shárughadh: dá mhéid a dheineas mo dhícheall bhí sé róthapaidh dom. Lé luas na rotha ag casadh ní fheicfeá na spócaidhe: a mhire a's a thapamhlacht. Cad n-a thaobh an luas go léir?: budh dhóigh lé duine ort gur agat a bhí obair an domhain lé déanamh: an deithineas a's an fuirse thar cuimse. Bímís ar luas anois ar eagla sinn do bheith déidheannach: ag gluaiseacht go mear. De luas cuimhnte d'imthigheas den iarracht san a's mar b'ádhmharaighe ar domhan é fuaireas mo chasóg mar ar dhearmhadas í: tapaidh ag cuimhneamh. É ag cur de go fuinneamhamhail faobhrach, gach coiscéim ar luas aige: go héadtrom, seólta, éascaidh.

luascach: *a.* corra-thónach, creathach, neamhshocair, fuaiscleach, guairneánach; frithléimeach. Bád ró-luascach seadh í, níl sí sabhálta i bhfarraige shuaidhte: tugtha dho bheith ag ionfairt ó thaobh taobh ar leathcheann. Tá na clocha san ró-luascach, ar thap de bhiontar, anuas leó ar an gcéad teangmháil: so-chorruighthe. A seólta luascacha ar mhuir gan ghaoith: ag crothadh sall agus anall. Bata rófhada atá treasna an tsrotha, bí aireach ag siubhal air, tá sé luascach: síos suas fén gcois guairneánach. Siubhal luascach atá ag an gcapall san choirfeadh sé thu bheith i dtrucail air: suaidhte, neamhshocair.

luascadh: *f.* (*-ctha*) creathadh sall 'sanall nó síos suas, guairneán, crothadh, frithléim; frithlingeadh; fuaiscleadh; aithfhilleadh. Buail an liathróid ar an gcéad luascadh tréis éirighthe ón dtalamh di: friotháil an chao nuair gheobhair í. Budh mhór an luascadh a dhein an bád go dtáinig sáile isteach innte ó sháil rinn: luighe trom síos fén uisce. Droch-rámhaidhe seadh thu, bír ag luascadh ar do thochta lé gach buille: ag ionfairt: guairneánach. Ní thabharfadh sí luascadh a leinbh d'aonne: a chorruighe i gcliabhán ó thaobh taobh chun a chiúnuighthe nó a churtha chun suain. Tá ar an bpáipéar indiu gur brathadh luascadh talmhan in áit éigin sa dúthaidhibh soir: crith thalmhan. Cuir rud éigin fé chois an bhúird, tá sé ag luascadh a's doirtfear na háraistidhe: ag corruighe. "Chun cuain nuair stríocaid áthraighe/ ar cuaird ag tigheacht ón Spáinn chughainn/ gan luascadh ar linn dá gcáblaidhibh/ a's a gcuid anairte gan ríf" (An Cnoicín Fraoigh) .i. oiread de chóir ghaoithe aca a's go mbídís ag gluaiseacht lé líomhthacht cheart. Barra breágh, trom, láidir síol féir ag luascadh lé gaoith: ag luighe a's ag éirghe go taithneamhach ar nós tonn na farraige.

luascaireacht: *b.3.* guairneán, corrathónacht, neamhshuaimhneas. Ar an luascaireacht atá air trí n-a rádhmhaill do, tuitfidh amach as an leabaidh: guairneán: ionfairt. Ná fanfá socair im aice, cad é an luascaireacht atá ort?: corruighe sall 'sanall. An iomad luascaireachta gen gcrann ón seól brisfidh sé é: ionfairt.

luascán: *f.1.* tromán cluig a riaghluigheas gluaiseacht cluig, ionfairt nó luadhail sall ’sanall; corruighe; gléas a’s suidheachán ann ar crothadh lé téadánaibh i gcóir gluaiste anonn ’sanall mar chaitheamh aimsire. Ar an luascán a thugaim fé ndeara ó ar mhuinntir an bhaile tá rud éigin i dtreis: ar an gcorruighe neamhghnáth atá rud ar bun atá ghá mothalughadh. Ná bíodh aon mhairg ort go bhfuil aon luascán cinn air sin, níl sé d’amadán chómh mór agus is dóigh leat: corruightheacht: ceal socrachta. Cuirtear luascán an chluig i dtreó, tá an clog róluath: an tromán ar crochadh ’n-a cheart. Luascáin an tseanchliabháin caithte níl gluaiseacht ionannais fé: na teanntáin fiara a bhíos fé n-a dhá cheann. Leis an bhfuinneamh ’san siubhal a bhí fén ngluaisteán nuair bhuail ciseach bóthair léi briseadh a dhá luascán innte: tuailm: gléas so-luadhaile claon lé teacht ar an gcuma go mbíonn ó thúis ar n-a bhogadh nó a scaoileadh ó theannadh.

luascánach: *a.* claon lé luascadh, guairneánach, neamhshocair. Ná bí chómh luascánach san ag siubhal, tá gach aon stiall agat orm, fan ar do thaobh féin den mbothar: guairneánach. Ní treabhthaidhe maith in ao’chor é, bíonn sé ró-luascánach ní thairngeann díreach: ró-ionfairteach. Bíonn an bád ró-luascánach chun an tsiubhail do bhaint aiste: corrathónach: neamhshocair: gan í do bheith ag fanacht socair ar a cille.

luascarnach: *b.2.* guairneánacht, corruightheacht, crothadh, creathadh. Luascarnach na feamnaighe leis an bhfarraige: síor-chorruighe neamhshocair. B’fhollus ar luascarnaigh an phortaigh go raghfaí ar lár ann: fuaiscleacht: creathadh. Nuair bhíonn an bád ’n-a stad cuireann a luascarnach breóidhteacht fharraige orm: corruighe síos suas, sall ’sanall. Ar an luascarnaigh atá ort, ní fhéadfad do cheann do bhearradh dhuit: corrathónacht: guairneán gan stad. An bóthar aimhréidh ’san tseantrucaill, ná bí ag cainnt, a dhuine, leig dom, ach a lithéid de luascarnaigh ó láthair mo bheatha: suathadh cuirp. Bainfead-sa luascarnach as an gcarraig sin leis an órd-so: suathadh, creathán.

luasctha: *a.r.* suaidhte, corrighthe, crithte, bainte chun luadhaile. Níl aon bhaoghal ná go bhfuil cathracha luasctha go diamhair ge pléascáin aoir: na tighthe ionta corrighthe, crithte. An charraig luasctha as a hionad lé púdar: suaidhte, caithte as. Ní chómhnuighim in ao’chor ’n-a measc anois, is fada luasctha chun siubhail aca me: curtha chun bóthair. An long luasctha ’n-a máillidhibh gen rúscadh piléar: suaidhte, bascuighthe.

luath: *a.* mear, tapaidh, aicillidhe, bríoghmhar, tráthamhail; lasánta; so-thógtha (mianach); taomnach, taodach, adhmannach, neambuan. Mo mhairg, is fada buidhe go mbeinn ag seasamh air, ní luaithe ar an ngaoith Mhárta ná air: ní taomnaighe: d’athróchadh a aigne chómh tapaidh a’s d’aistreóchadh an ghaoth úd. Táir luath don dtraen, ní imtheóchaidh sí go ceann tamaill fós: roim am. Cur luath agus baint luath, an treó is fearr ar dhuine .i. i dtosach an tsaosúir leis an síol agus an ghrian leis an dtoradh. “Tá an cíos dhá lorg ar dhaoinibh” – “is luath é”: .i. níl sé tuitighthe fós nó má tá ní fada é. Nuair théigheann aon rud ar mí-threóir nó go dtárluigheann tionóisc i dtúis oibre nó turus-sa, deirtear, “is luath é” .i. má leanann de beidh go haindeis. Táir beagán ró-luath féd bhuille: droichmhiantamhail: tapaidh chun duine do bhualadh gan chúis. Níor mhaith liom puinn spochaireachta ná dánaidheachta do dhéanamh air, tá sé ró-luath: ró-lasánta: so-thógtha chun feirge. Saor luath nách mór an mhoill ná an mhairg air smut d’fhalla do

chaitheamh os chionn a chéile: mear, tapaidh leis an gcéird. An dá luath a's éagfad beidh mo mhuinntir in imreas tímcheall m'udhachta: ar an uain go etc.: ní túisce etc. Ní bheadh sé chómh luath san in ao'chor mara mbeadh marcaidheacht d'fhagháil: ar am go raibh eaga aige. Nách luath do cailleadh é: óg 'n-a shaoghal, nó geairrid tréis buailte breóidhte. Níor luaithe leis (aige) siúd tú do phógadh ná tú do bhualadh: aon tsuim ní chuirfeadh id bhualadh. Deabhadh ní budh luaithe nár mhór duit do dhéanamh chun teacht leis an sionnach: bheith níos tapamhla go mór. Céagaibh budh luaithe ar an saoghal?: a tháinig roim an nduine eile. Ceárdaidhe luath .i. a ghníos a chuid oibre tapaidh nó coimeádann iomad moille ar dhuine. Níl an daradha so luath in ao'chor .i. níl den ndéantús ceart go mbeadh iascamhail. Baoite luath seadh eascú abhann do phallógaibh .i. bíonn na pallóga piaclach chúcha. Deabhadh atá ort? is é is luath linne fhágfair sinn .i. rógheairrid linne imtheochair: níl aon chol annso leat. Ná bí luath féd gheallamhaint: ná bí ceann-uaiscneach mara bhfuilir deimhnightheach suimighthe ar í do chóimhlíonadh. Thángamair ró-luath (ar an saoghal), as so amach bheidh an rachmus ann .i. i gcoinn tamaill eile b'fhearrde sinn teacht. Luath nó mall is é dán an bhitheamhnaigh breith air .i. dá fhaid do thugann na cosa leis greamuightear sa deireadh é. Cuirfead coirce luath annso .i. a fhásfaidh a's a aibeóchaidh in am roim an gnáth-thráth. Tá an clog luath: tar an am ceart. Luath sa ló (oidhche, mbliadhain, id shaoghal etc.) .i. i dtosach .i. cuid mhór gan caitheamh fós. An óige atá agat, a bhuachaill, táir ró-luath dhom: an iomad siubhail agat dom. Ná bí chómh luath (ag bualadh, léigheamh, scríobh, cainnt etc.) .i. an oiread san ar fad deabhaidh fút. Siúd é an fear luath láidir gur beag an nath aige speal oibre: mear, acfuinneach. Chómh luath lé hinntin mná idir bheirt fhear: chómh hatharrach: taodach, neambuan. An bheatha luath so ná dein aon lón di, indiu annso ambáireach thall: duthain: neambuan: gan urradhas uirthe. Marbh ó bheith ag éirghe luath: moch ar maidin. Luath chun scoile fós, a bhuachaillidhe: roim an am atá riachtanach agaibh do bheith ann. D'fhanas im chodladh rófhada, táim luath déidheannach anois chun beartha ar an dtraen .i. lé hádh mór a bhead in am. Is iomdha duine géar-chúiseach do bhuail liom ach níor bhuail liom fós fear is luaithe súil 'ná é: tapaidh chun ruda do thabhairt chun cruinnis: dearmhad do thabhairt fé ndeara etc. Buille déidheannach an tsathairn a's buille luath an luain: iarracht i dtosach na seachtmhaine ar theacht suas lé faillighe na seachtmhaine caithte. Ní luaithe istigh a chuid bídh aige ná amuigh .i. úirlicidhe. Ní luaithe déanta ná caithte agam é (airgead) .i. róscaipightheach. Níor luaithe sruth mhuilinn 'ná a theanga .i. iomad cainnte aige.

luath: (**luaith**) *i gcfhbh.* tapaidh, mear. Is deacair é do thuigsint lé n-a luaith-bhéalaighe, bíonn sé ag itheadh na bhfocal: an chainnt ag teacht róthiugh i ndiaidh a chéile. Tachtfaidh sé é féin, deimhnightheach, tá an luath-ampla ghá leanamhaint riamh: an fotharaga ithte. Caithfead éirghe asat, táir ró-luaith-aighneasach dom: labhrair rómhear dom: "bádhair" lé cainnt me. Air siúd nár rómhoill luaith-aitheantas do chur ort: do choidreamh do dhéanamh gan chabhair ó aonne i bhfíor-ghiorracht aimsire. Ar a bhfuil lé n-innsint agam déanfad luaith-aithris d'fhonn a's gan sibh do bhodhradh ná do thuirsiughadh: trácht ghearr, ghonta. Guidhim Dia tú do luath-árdughadh uaim mar is me do chrádhais: tú do thógaint uaim feasta. Luath-árus chun aon ruda do bheirbhiughadh ann é sin: ná caitheann puinn aimsire. Nách é a dhein an luath-bhailiughadh ar an airgead nó connus in ao'chor é?: é do chur lé n-a chéile i ngearr-aimsir. Gaibh an cómhgar treasna na gcnoc, 'sé an luaith-bhealach é: an bóthar is giorra: is túisce shroicheamhaint

do thriall air. Luath-bhranar ag feirmeóiridhibh ambliadhna ar chómhairle an Aire: curadóireacht in am thráth. Mara mbeadh an luath-chabhair a tháinig air a's a fhuascail é, bheadh sé múchta san uisce: cabhair thapaidh. Ní raibh an dara focal air, dhein sé luaith-cheannach ar a raibh lé díol agam: ceann mear. Nách é a dhein an luaith-cheileabhradh, níor thug sé aon tseasamh uaidh: an t-imtheacht nó an bás i bhfad roim mar cuirfí fé n-a thuairm. Bhíodh sé ag déanamh luaith-chleasa ná féadfadh duine againn a thuigsint: cleasa chómh tric, grod san gur bh'iongadh leat iad. Níor bh'fhéidir liom do bheith go maith ar threabhadh mar nár dheineas luaith-chleachtadh air .i. níor thaithigheas é i dtúis m'óige. Bhí luath-chlos déanta againn air, thug duine éigin scéala an-mhoch leis: níor bh'fhada in ao'chor tárluighthe gur chualamair é. Sin í an luath-chogaint agat, tá sé alpaighthe idir fheóil a's chnámh aige: praitineamhail. Cad é an luath-chogaint fiacal atá ort-sa? troid atá uait?: giascán glórach, fuinneamhail. Is óige dho bhí sé luath-chosach go maith: ní chuireadh turus dá fhaid dochma air: fuinneamhail ar a bhonnaibh. Ní deimhnighthighe atá biana ar bhata bacaigh 'ná go gcuirfead-sa luaith-dheabhadh ón dtigh seo ort-sa, a bhleáigeáird choitchinn: teann deabaidh agus gan rómhoill. Seadh, sin í an bhróg is luaith-dhéanta dá bhfeaca: is lugha gur caitheadh aimsir léi. Anois a bhí an focal ar bharr mo theangan ach tá bailighthe leis sa bhfraoch, is é an luaith-dhearmad é: dearmhad obann. Nuair cailleadh ár muinntir deineadh luaith-dheighilt orainn a's níor bhuaileamair lé chéile go raibh na bliadhanta buana ann: scaramhaint a's sinn an-óg. B'é an dá mhar a chéile dhom fanacht ar mo shuaimhneas nó mo luaith-dhícheall do dhéanamh, ní raibh aon dul agam ar éalódh: dícheall ar lán an bhata. Nách é an luath-dhonas é mo thriúr leanbh do sciobadh uaim in aon bhliadhain: mío-ádh iomlán, tapaidh, gan trócaire. An luaith-éirghe as a óige a mhairbh é: mochóirighe a's de ghnáth. Luaith-eacha a bhí ag Piaras go ndeárna filidheachta dóibh: eacha go raibh buancas a's móran reatha ionta. An té a chaitheas go ró-rabairneach bíonn luaith-easbhaidh air: ceal sara fada. Sé an luaith-éileamh ar mhnáibh agat é, a theallaire, a's gan na déaga curtha fós agat díot: caitheamh 'n-a ndiaidh an-óg. Tabharfad-sa a luaith-éisteacht do san mara dtugann cluas dom órduighthibh: éisteacht go mear agus go haireach freisin. Is an-ait liom nár scrígh sé freagra ar leitir ghéibhinnigh mar í, de ghnáth duine luaith-fhreagarthach seadh é .i. a bhíos pras i bhfreagairt. Fear cumasach, láidir do dhéanfaidh sé ar an luath-fhás atá fé, aoirde a's téagar ag dul air in aghaidh an lae: fás tapaidh agus a óige tá sé. Tabhair luaith-fhéachaint ar maidin ar na hainmhidhthibh, ar eagla iad do dhul i bhfoghail: go moch téighir ar a dtuairisc. Deirim libh ná taithnigheann crot na hoidhche liom, níl aon luath-fhonn orm gluaiseacht: fonn um an dtaca so, roim an aimsir do bhrath go maith. Sid é an tigh bídh a mhaoidheas as a luaith-fhreastal: gach nidh a bhíos ó dhaoinibh d'fhagháil dóibh go féicheamhanta, tapaidh. D'fhágas mo phíp annsan ar an mbórd faid agus bhíos ag dul thar doras agus ag filleadh, a's bhí sí bailighthe léi, nár bh'é an luath-fhuadach é?: an snapadh nó sciobadh obann. Congaibh ar feadh tamaill eile é má tá aon ghnóth agat de, níl aon luath-ghábhadh agam leis fé láthair: gábhadh nó ganntar na huaire nó go ceann scathaimh. Ar fuaid na tíre tá luath-ghasraidhe fear againn ag déanamh fartha dhúinn: díormaidhe atá praitineamhail i gcóimhlíonadh a ndualgais. Fóghmhar deireannach é agus tá luaith-ghritheal ar gach aonne ghá shaothrughadh: deifir a's deithineas. Scian fhaobhair go bhfuil luaith-ghearradh innte: a ghearrfadh cuid mhaith go prap. Beart luaith-ghníomhach don nGearmáin an méid tíortha do chuir sí fé n-a smacht in aon bhliadhain: beart lán-thapaidh, lán-threórach. Nílim chómh broideamhail a's is gnáthach liom, níl aon luath-ghnóth ar siubhal agam: gnóth go mbeadh deabhadh leis.

Deir Sasana go gcuirfidh sí luaith-ghreadadh as na tíorthaibh gabhtha ar an namhaid: teann deabhaidh a's scannradh ag teicheadh ortha. Tabhair aire dhuit féin ar eagla do thachtuighthe ar na luaith-ghreamannaibh bídh: itheadh ró-alpamhail. Gheall sé a chabhair ach fear luaith-inntineach é a's ní bheifeá deimhnightheach de: taomnach: gur an-fhuraiste leis a aigne d'athrughadh. Luaith-imtheacht air, cad dob áil lé haonne annso dhe gan preab ná glaodh ann: a fhágaint go dtárlaidh go grod. Bítear righin leis rud to thabhairt ar cáirde dho, ní luaith-íoc a ghníos sé: ní dhíolann as go róthapaidh. Beidh luaith-ionbhaidh iascaigh ambáireach ann .i. beidh sí ann go moch ar maidin. Ní thabharfainn luaith-iontaoibh leis, d'fhanfainn go méadughadh mo choidrimh air sara raghainn i dtreis aon bhaint mhór do bheith agam leis: dóchas do chur ann den gcéad iarracht. Is annamh a rug sé ar úirlis, nó fear chómh luath-lámhach chun gnótha do dhéanamh: praitineamhail, cliste lé n-a lámhaibh. Deineadh luaith-leasughadh ar an áit sin, b'fhearrde é, bhí a rian air tháinig toradh as: cuireadh aoileach nó leasughadh air tamall maith sar ar ghábhadh é. B'í sin an luaith-léim don bhfear a chuaidh treasna an ghleanna san: léim cheolmhar. Níor cheart puinn rún do thabhairt do, tá sé ró-luath-labhartha: béalscaoilteach. Dálta an scéil, is beag foidhne atá agat-sa, táir luath-labhartha: níl aon rothag léd theangain. Cé bhuailfeadh chugham isteach ach é ar luath-mhaidin sara raibh puinn 'n-a suidhe: i moch na maidne. Pé rud a thug an dochtúir do níor dhein sé aon luath-mhaitheas do: feabhas tapaidh. A Dhia, impidhim ort, luath-mhaitheamhnachas do thabhairt dom im dhroich-bheartaibh: maitheamh dom gan rómhoill. Luath-mhothughadh an domhain uile síos im dhrom: braithstint atá ag rith thríd. Is ag an athair atá luath-mhothughadh bás an mhic: is air do ghoilleann sé go trom. Bíonn barránaigh luaith-mhéarach go maith ar ráiseannaibh thar áiteannaibh an domhain, nár mhór duit do phócaidhe d'aire ortha: pras, éascaidh, chun sluide. "Dar fiadh, is í an luaith-mheisce í", deirtear lé meisceóir luath sa lá nó a bhíos ar póit tréis beagáin ólacháin. San mbealach caol idir an dá oileán seadh bhíonn an luath-mhuir a scuabfadh léi thu: sruth mhear láidir: madra taoide. Ar luath-obair níl sé slachtmhar: obair go mbeadh deabhadh léi. Caith uait do chuid cama-leathscéil, tá luath-órdughadh fachta agat bheith láithreach: órdughadh: lán-thráchtamhail. Dá bhfaghadh súd luath-oileamhaint ar an gceann atá air tiocfí tharais go ceann i bhfad: múineadh a's teagasc as a óige. An té a chuir leath-ghallún leanna duibhe ar a cheann a's a dhiúg go tóin é gan stad do dhein sé luath-ól: ól mór, pras. Slighe ar luaith-phingnidhe do dhéanamh seadh iasc dá mbeadh breith mhaith air: ádhbhairín airgid do dhéanamh in aimsir ghearra. Gheibheann sé luaith-phingnidhe as a chuid oibre gan an tsuim ar fad d'fhagháil in aonfheacht: ádhbhairín roim ré. Bhain bás obann a mhná luaith-phreab as, nár bh'fhearrde é ó shoin: geit a shuathaidh an-mhór é. Sin é an luath-rabharta atá anois ann nách furaiste iascach leis: láidir, fuinneamhail. Thugas luath-rábóg fén gclaidhe a's an gluaisteán ag déanamh fúm: sciúird lúthmhar. Fanaidh socair nó brisfidh sibh an tigh, nách oraibh atá an luath-ranngcás: an léimreach 'san gleódh thar cailc. Is deacair lé mórán luath-raon na Frainnce do thuigsint, nár thug sí seasamh níos fearr a's níos sia uaithe: a tuiteam chómh tapaidh, obann. Má fuair carraigeacha riamh luaith-réabadh fuair a raibh sa chloigeann san, fir ghá mbriseadh a's capaill ghá dtarrac: scriosadh mear: lán-ghlanadh. An dlighe an cailín chun luaith-réidhtigh do dhéanamh idir na daoinibh malluighthe sin: socrughadh gan rómhoill. Bím ar luaith-rith ó dhubh dubh d'iarraidh teacht ar gach aonnidh do dhéanamh: ar séirse, gan sos, gan staonadh. Gan é féin do bhodhradh lé bheith ag tómhas ná ag meádhachtaint, dhein sé luaith-riar ar an iomlán, ladhar chuige seo a's ladhar chuige siúd: é do roinneadh go pras. Ní mór an cath

do chuireamair in ao'chor nuair cuireadh luath-ruathar orainn, bhíomair rólag, droichghléasta: scaipeadh tapaidh soir siar. Mara ndéintear luath-shábháilt ar an bhféar a's go mbeireann báisteach a's bogradh air bíonn thiar air: é do chaoineadh i dtosach aimsire. Ní mór go raibh an biadh ar an mbórd nuair thug sé luath-sháthadh sanntach fé: seáp míbhéasach, amplamhail. Duine luath-shanntach chun ruda do bheith aige: dúil uathbhásach aige bheith roim aonne eile. Cad n-a thaobh an luath-shaothar anois, is dóigh, aonne gur mhaith leis rud do dhéanamh in am agus 'n-a cheart, ní hanois do bheadh sé ag cur chuige: an deabhadh san fuirse mór, mór. Luath-scailp go gcuirtear air!: bás luath chuige! Tá Sasana tiomnuighthe, deir sí, ar luath-scaoileadh do dhéanamh ar na tíorthaibh atá fé dhaorsmacht na Gearmáine: fuascailt sara fada d'aimsir. B'fhearr léi ná chúig bhliadhna dá saoghal go mbeadh sí luath-scartha leis an réice fir atá aice: duine aca soir a's duine aca siar ar maidin. Cómhartha gaoithe móire seadh na luath-scamaill sin atá ag caitheamh ó dheas: scamaill go bhfuil siubhal mór fútha. Ar chualaís an luaith-screadach úd? cad dhein í, ní fheadar: béiceach árd, ghéar. An craolachán an luaith-scéalaidhe ceart .i. nuair innstear go gcloistear. Cad atá ar bun aige? nách é do dhein an luaith-sceinneadh gan oiread a's slán d'fhágaint againn: imtheacht tapaidh gan choinne. A mháighistir níl lé fagháil ar luaith-scilligeadh an éithigh: bréag ar bhréig ag teacht 'n-a dtuile uaidh. Is ortha a deineadh an luaith-scrios, gur báthadh a gcúigear leanbh: scrios trom, obann. Dá ndeineadh sé luaith-sheachaint ar droch-chuideachtaidhibh nuair thaithig ar dtúis iad ní bheadh an donas air mar tá indiu: iad do shéanadh i dtosach. Mara ndeinir luaith-sheift éigin tuitfidh an falla san, féach an t-iogán (pluc) atá air: rud éigin go pras a fheabhasóchas é. Choidhche ní fhéadfainn rinnce leis an luaith-sheimint sin: ceol rómhear, róphras. Luaith-shíol coirce: síol lé cur i bhfíorthosach an tsaosúir. Nách í a fuair an luaith-shíorraidheacht, bean óg, leathan, láidir mar í: bás i dtúis a saoghail. Muinntir Sheághda, dream de luaith-shleachtaibh Chorca Dhuibhne: ar na treabhaibh is túisce go bhfuil cunntas againn iad do bheith ann. Ní fhuarfaidh a dheoch 'n-a fhiadhnaise seo má dheineann luath-shlogadh é dho: ól sanntach, prap. Ar mo dhícheall dom ag luath-smaoineamh cér bh'é nó cá bhfeaca roime sin é: ag dian-iarraidh a bhreith chun mo chuimhnte. Is deacair aighnliughadh i gcoinnibh na luath-shrotha san, mar a bhoirbigheann sí a's mar fhliuchann sí: mear-ghluaiste. Ní cuirfear mise amugha in ao'chor i dtaobh an airgid sin, níl aon luath-shúil agam .i. nílim ag déanamh talamh slán de go bhfaghad in ao'chor é. Do chuid camasghala nár né aon luath-thairbhe dhuit: tairbhe ar am ar bith. Is mór é a dhúil san obair, sé sin luath-thaithighe fuair sé ó n-a mhuinntir: taithighe 'n-a óige. Luath-thalamh coirce: talamh atá tapaidh chun coirce do thabhairt. Mara gcuirtear luath-thaoinnte san muilchirte seo, beidh scoilt mhór ann: é d'fhuagháil sara mbíonn puinn scaoilte dhe. Ní maith luath-thuairisc bháis aonne do thabhairt: bheith ar an gcéad scéalaidhe leis. Luaith-theine nár mhór don bhfeóil sin, tá sí an-righin: teine the thapaidh. Meádhaidh gach nidh mar budh cheart a's ná bí luath-thuairmeach: ag baint tástaill as rud gan eaga ná machtnamh do chaitheamh leis.

luathadh: *f.* (*-thta*) deifir, deifriughadh, deithneas. D'fhonn luathta leis an obair caithfear oibriughadh thar tráth: chun í do chur chun cinn. Ar chuma ná ar chleas ní fhanfadh san leat ach ag luathadh leis: ag deifriughadh. Saoiste diabhail dian ná stadann ach ag béicigh ag luathadh na bhfear chun breis oibre: ghá saigheadadh: ghá mothalughadh go mór. Focal cainnte ní thabharfadh eaga dho féin do labhairt leat, an luathadh i gcómhnaidhe ghá mharbhadh: an saothar chun bheith i mbun a bhirt.

luathadas: *f.1.* moiche, tráthamhlacht, tapamhlacht, mire; bheith roim am ceart nó riachtanach. Luathadas annsan! tá an oidhche ann a's gan faic déanta: tapamhlacht: oibrightear níos prasa. Ná caith an lá annsan, deinimís luathadas abhaile: deabhadh chun bheith in am thráth. Deir Sasana gur ar luathadas armála atá a seasamh anois: a thúisce agus a thapamhla bheidh sí déanta di. Mo chómhairle dhuit gan aon luathadas do chur air nó cuirfidh sé stailc suas a's stadfaidh ar fad: deabhadh ná deifir: focal brostuighthe do rádh leis. Is fearr i bhfad tú lé geairrid bíonn luathadas ort ag teacht chun oibre: tagair níos luaithe ná mar budh ghnáth. Chuireas chúig nóimintidhe luathadais ar an gclog: an méid sin chun cinn. Uair an chluig luathadais atá ar an gclog leis an am nuadh seachas am na gréine: uair chun cinn na cluig. Úirlisidhe luathadais go leór ag an bhfeirmeóir anois i gcómhnáird lé n-a shinnsear: a dheineas obair níos tapamhla. Bíonn luathadas ar an aifreann annso anois seachas mar bhíodh: deirtear níos moiche é. Dá mbeinn in aon luathadas bheinn in am chun an ráis: beagáinín níos túisce.

luathmhaireacht: *b.3.* mire, ceólmhaireacht, éascaidheacht, preabamhlacht. Ní haon luathmhaireacht ar an obair bheith ag leigeant scíthe chómh mion minic: breis dheabhaidh lé n-a críochnughadh. Luathmhaireacht ar do bheatha bheith ag dul lé póit: a deireadh do bhrostughadh chughat. Luathmhaireacht a choise, is annamh riamh do theip air báire do chur air .i. bíonn an pheil buailte chómh pras san aige. Chuir sé iongadh ar gach aonne a luathmhaireacht do chuiris bóthar chómh fada leis díot: a bheag-mhoill do chuir sé ort. Má dheineann luathmhaireacht gnímh é ní bheir ar deireadh in ao'chor .i. an rud do cheapair do dhéanamh go mear. Is gearr an mhoill ar a mhéireanntaibh seo lé n-a luathmhaireacht leitir do scríobh, is iad ná fuil tútach ná craptha: éascaidheacht, seóltacht. Má gheibhir luathmhaireacht freastail lá broideamhail mar é seo in aon tigh ar an mbaile is annso é: gach aon rud a hórduightear do chur i láthair ar an dtoirt.

luathmhar: *a.* mear, tapaidh, deifreach, deithineasach. Ar mo chroidhe díchill dom ó fhágas ní fhéadfainn bheith annso níos luathmhaire: teacht níos mire 'ná thánag. Méireannta luathmhara iad san nách mór an doigh aca poll i líon do dheisiughadh: tapaidh, éascaidh i ngníomh. Bead chómh luathmhar leis agus is féidir liom é, ní fhágfad aon fhuacht orm féin: chómh deithineasach a's tá ar mo chumas.

luathóg: *b.2.* fic **luthóg**

luathramhán: *f.* luaith, smúit, "ceódh" bóthair. An cnoc ar fad 'n-a luathramhán pé hé (a) thug teine dho: an fás go léir dóighte. Luathramhán dhá shéideadh indiu, nách cómhartha báistighe é: smúit an bhóthair ag imtheacht lé gaoith.

luathughadh: *f.* (*-uighthe*) deifriughadh, brostughadh, saghadadh, géarughadh, mothalughadh. Luathughadh ar shaoghal dhuine iomad fliucháin d'fhagháil: tagann a bhás dá dheascaibh i bhfad roim am. Bímís ag luathughadh orainn anois nó béarfaidh an deireannaighe orainn: ag déanamh breis dheabhaidh. Nuair gheóbhaidh sé chun a láimhe thu, tá sé chun luathuighthe leat, chómh dearbhtha a's tá Dia ar neamh tá an oiread san uilc air chughat: tabharfaidh sé bás an-tráthamhail duit. Mara b'eólach duit é, bíodh a fhios anois agat é, go bhfuilir ag luathughadh leat féin bheith ag obair ar nós an chapaill:

ag deifriughadh do shaoghail chun a críche. Luathughadh ar an obair breis na bhfear .i. seadh is luaithe bheidh sí déanta. D'fhágas a adhmannas, ní fhéadfainn bruic leis, bhíodh sé ghom luathughadh gur dhóigh leat gur capall aige me: brostughadh: ghom ghreadadh chun breise do dhéanamh. Chun luathuighthe do cuireadh maide a's seól uirthe .i. ná beadh chómh fada ar a turus. Gach aon luathughadh dhá dhéanamh i Mearaice a's i Sasana anois lé harmáil: deithineas. B'fholláin dóibh an luathughadh do dheineadar as an gcathair mar bhí beartha ortha gen namhaid: an mothalughadh mear. Dein luathughadh ar an siubhal: géarughadh: siubhluigh níos mire

luathuighim: *b.a. 7 n-a.* brostuighim, deifrighim, géaruighim. Luathóchair liom sa deireadh, ní raibh ach a rádh nár scoiltis me leis an dtuaigh!: cuirfir crích roim mó ré lém saoghal. Luathochair leat féin má bhír ag gnáthughadh drapadóireachta mar sin: cuirfir deireadh tapaidh léd bheatha. Luathuigh, táir an-mhall, an-righin: dein breis mhór dheabhaidh. Mhairfeadh sé tamall eile mara mbeadh an deoch, is í a luathuigh leis: a bhrostuigh a bhás. Luathuigh (ort) léd chuid bídh: ith tapaidh é. An amhlaidh a luathóchaidh nó a mhoilleóchaidh cabhair Mhearaice an cogadh: a chuirfidh deireadh go tapaidh leis. Ná luathuigh me .i. ná bí ag cur deifreach orm. Luathuigheann leasughadh maith barraidhe: fásaid a's aibighid dá bharr níos túisce ná déanfaidís gan é. Luathuigh chun bóthair: bí ag ullmhughadh go pras agus cuir díot. Luathuigheas an clog uair mar órduigh an lucht ceannais: chuireas uair an chluig chun cinn é. Go luathuighidh Dia a shláinte chuige a's chun gach n-aon go bhfuil a ceal air: go n-aistrighidh chuige í. Luathuigheas ar mo chéim chun ná tiocfí suas liom: ghéaruigheas: dheifrigheas.

lúb: *b.2.* cúil, cúinne, cómhacht, smacht, gliocas, meang, feall, cor i dtéid, córda, etc., nó aon rud fada so-chasta mar bheadh daradha, fillte thart agus greamuighthe, a's a fhágas oscailt chruinn gur féidir ceann an chórda nó córda eile do sháthadh tríd; lag i gcósta na farraige mar bheadh saghas cuain ach béal mór air; bléin, tógáil amháin snáithín i gcnotáil; gléas miotail go mbíonn scoilt ann a théigheas isteach ar stapal lidhe chun cómhlann dorais, etc., do ghreamughadh; poll in éadach, a cheasa oibrighthe lé snáthaid chun greama d'fhagháil ar chnaipe; aon cheann den sraith fáinnidhe a bhíos i slabhradh; cuach; dual. Idir an dá cheann tíre tá lúb i rith isteach 'on talamh: bolg fiar uisce: bléin: idir an dá cheann tá cuar isteach. Tháinig sé orm go hobann gan aon amharc agam air mar bhí lúb sa bhóthar a bhain a radharc díom: cor: casadh. Chaithfeadh an liaghairne sin an lá agus an bhliadhain i lúib na teineadh gan cuimhneamh ar bhuille oibre do dhéanamh: sa chúinne. Cuireadh oiniúin i lúib an ghuirt mar a raibh fothain a's teas aca: cúinne: mar a raibh cor nó casadh i gcómhrac dhá chlaidhe. Lúb mhór talmhan annsúd aca: stráice mhór: clais. Thall i lúib na trágha tá áithe mhaith, iargcúlta chun snámha: sa cheann san di mar a bhfuil cor innte: cúl-tráigh: cúil. Cuir lúb théide ar an gclár: dein cor dá cheann do chasadh a's d'fháscadh air. Dá mbeadh do cheann i lúib agam is me a fháiscfeadh ort: cor téide .i. i ndraip. Ná beirtear choidhche in aon lúib ort ná féadfair d'fhágaint: i dteannta. Is fearr an chú a bhíos sa tsiubhal 'ná an chú a bhíos sa lúib .i. go mbíonn cead reatha aice ná an ceann a bhíos ar éill .i. is ag an té a bhíos amuigh ag lorg is mó go bhfuil dul aige ar rud do bheith aige ná ag an té a bhíos istigh. "Cara na mná sa lúib, cara an fhir sa tsiubhal" .i. más cara do mhnaoi an tighe thú gheóbhair bheith istigh ach más cara d'fhear an tighe thu gheóbhair taobh na súgán den dtigh. Má bhíos i lúib riamh, táim anois, ní fheadar céaca cárta do chaithfead: i gcanntaibh: i bponnc. Ná bí i lúib aonne má

fhéadair é: i gcómhacht: i gcumas aonne a thoil d'imirt ort. I lúib na coille tá bothán agam: i gcúinne mar a bhfuil cor innte. An cat 'n-a lúib fén ngréin nách aige atá an saoghal: a cheann cásta siar chun a chosa deiridh a's cor 'n-a dhrom. Chuireamair lúb ar an iasc: thángamair 'n-a thímcheall lé líon. I lúib an lín a bhí sé casta: 'n-a dheireadh. I lúb a dathaid (cártaidhe nuair is aon a's dathad an cluiche): dathad maol. Cuir uaim dá mbeifí ghá dhéanamh óg choidhche tá sé i lúib na mbliadhan .i. isteach go doimhin ionta. Cruinn-eólas agam ar an gcathair ó lúib lúib: ó chúinne go cúinne. Tá an bíobla léighte aige ó lúib lúib: ó n-a thosach go dtí n-a dheireadh. Níl aon lúb 'n-a bholg 'ná go bhfuil a fhios agam agus is iomdha lúb cham ann: cor fealltamhail. Cad iad na lúba so dhá thaidhbhreamh anois duit: cleasa cama, cealgacha. Dá fheabhas do chosnófá tú féin air bheadh lúb éigin i gcómhnaidhe id chómhair aige: cleas chun do dhíthe do dhéanamh. Má tá aon lúib istigh it anam agat fanfar amach ón láir mhalluighthe sin, d'íosfadh sí id bheathaidh thu: cion mór. An oiread lúib istigh sa mhadra san ná scarfadh leis ar ór ná ar airgead: mór nidh is fiú aige é. Chuir sé lúib istigh éigin san ainmhidhe go raghadh in aon airgead air chun a bheith aige: suim mhór sealbhuighthe. Fág lúb ar lár annsan: ná tóg cor sa chnotáil. Má faightear aon lúb ar lár id chuid oibre gheobhair bata a's bóthar: aon easnamh: dearmhad: locht. Fágadh lúba na casóige róchaoch ní raghaidís ar aon chnaipe mór: na puill: scoilteacha. Is maith a raghadh lúb théadáin do: é do bhualadh lé téadán a bheadh dúbalta ach an dá chor ó chéile. Dhall sé amach fear chleas na lúibe, níl aon uair ná go mbíodh an cipín i gcor aige: fear a ghníos cleas lé stroillín fhada, chaol cadáis nó lín éadaigh ar na cuailleáil ar a chéile a's ceann di do tharrac chun an chipín do chur lasmuigh d'aon chor di. Cuir lúb rothaigh ar an éill i slighe a's ná beidh aon duadh agam í do scaoileadh: cor dúbalta a osclóchaidh ar tharrac cinn na héille. Fág an doras ar an lúib: an claibín a's scoilt ann a théigheas isteach ar an stapall nó an sáth. An folt léi 'n-a lúbaibh síos go sáil: cuacha go flúirseach air. Ghluais sí go brónach an bóthar, 'sa leainbhín i lúib a binne aice: i gcúinne dá brat. Luigheann an leanbh i lúib a mháthar: go dlúth 'n-a baclainn. Chognóchadh sé lúba slabhraidh dhuit, tá cairb chómh láidir sin aige: fiacla nimhe aige. Dheineadar lúb tímcheall orm: bhailigheadar im mórthímcheall. Ní bhfuaireas aon lúb 'n-a chuid cainnte: aon bhotún dob fhéidir do thagairt leis.

lúbach: *a.* bríoghmhar, acfuinneach, cam, casta, cealgach, glic; lán de choraibh, so-chasta, so-chamtha, maoth, neamhchraptha. Is air siúd ná fuil máchail sa tsaoghal dá bhfeictheá ag cur an bhóthair de é go lúbach láidir: éascaidh as a bhallaibh beatha .i. gan iad craptha ná stanncta. Rámhaidhe lúbach gur thaithneamh leat a bhuille: scuabadh líomhtha ge n-a ghéagaibh. Níor mhór do dhuine bheith chómh lúbach leó nuair bheifeá istigh le hanchúinsidhthibh: cleasach, cealgach. Bhuadhais an cluiche sin go lúbach, dá n-imrighteá do chártaidhe cóir ceart ní hagat a bheadh sé: go héagcórach. Is sia an bóthar san ná mar thaidhbhsigheann sé, tá sé lúbach: cuir nó castaidheacha ann. Duine an-lúbach é, is deacair aon rud a bhaint as, bíonn leath-scéal a's fiche aige ar bharr a theangan: cliste chun na gcos do bhreith leis. Folt chómh lúbach san uirthe ná déanfadh cíor aon bheart air: cas, cuachach. Cósta lúbach seadh an taobh thiar d'Éirinn go léir: gabhail, cuanta a's bléineanna mara go flúirseach ann. Maide maith é sin, tá sé neamh-lúbach: deacair a chur as a dhíreach lé luighe air. Má tá an fhuinnseóg lúbach féin tá sí righin doibhriste: soi-fhiartha: cor do chur innte. Cosa lúbacha: laga. Drom lúbach fé ualach: go dtagann cor ann lé laige. Drom lúbach chun oibre: neamhchraptha, éascaidh chun cromtha mar oireann.

lúbadh: *f.* (*-btha*) cromadh, casadh, filleadh, cleasaidheacht, meabhal, claon(adh). Na hualaighe troma a cuirtí air bhíodh sé ag lúbadh fútha: cor ’n-a chorp aca: fiaradh ’n-a chosaibh. Cad tá ag teacht air lé déidheannaighe, duine óg mar é, go bhfuil sé ag lúbadh ar a chéile: ag casadh: a sheasamh ’sa líomhthacht ball tréigthe. Cuireadh an oiread san scannradh orm go rabhas ag lúbadh ar a chéile: bhíos gan aon tathnag: an lúth imthighthe as mo bhallaibh. Na tráthanna caithte aca gan biadh gan beatha go mbídís ag lúbadh (ar a chéile) leis an ocras: a neart tréigthe an oiread san go mbíodh cor ’n-a gcorp: ná féadfaidís seasamh díreach. Budh ghearr an mhoill orm tu do lúbadh ar a chéile: pé rud budh mhaith liom do dhéanamh leat lé neart ceart. Dá mbeifí ag tafant choidhche air ní haon lúbadh do dhéanfadh sé: bogadh ná claonadh ón rud a bhí ar aigne aige. Is mór an lúbadh do fuair an tsean-mhias gur dhóigh leat ar a crot anois nár mhias riamh í: cúbadh a’s casadh as cuma an chéad lae. Siubhluigh go haiclidhe, tá an clár ag lúbadh fútha: cor nó fiar ag teacht ann le hiomad meádhachtana air. An bhféadfá lúbadh in ao’chor? cad tá ar do chnámhaibh? an déanta de mhaide táid? cromadh síos (anuas): cor do chur id chorp. Cuir uait an lúbadh anois a’s freagair an cheist a cuireadh ort, neachtreacha abair nách eól duit é: seachaint: d’iarraidh a chur díot. Ag lúbadh an pháipéir ar a chéile: ghá fhilleadh. Ag lúbadh lé tinneas: cuir neamhnádúrdha ag teacht ar an gcorp. An eascú ag lúbadh mar ghluaiseann sí: cor anonn ’sanall ’n-a corp. As a hóige is fusa an tslat do lúbadh: í do chamadh gan a briseadh: i dtúis seadh is fusa gach aonne d’oileamhaint mar budh cheart. An bhfuil aon fhonn ort aon lúbadh do dhéanamh ort féin ach seasamh id chrannlaoch mar sin?: cromadh chun oibre nó gnótha. Á, mhuise, is deacair do bheith suas leat, is ionat atá an lúbadh, an diabhal féin ní bhainfeadh an bheárna dhíot: an meabhal: gliocas a’s cur amugha.

lúbaim: *b.a. ₇ n-a.* casaim, cromaim, claonaim, íslighim, cúbaim, fillim. Lúb ar a chéile an líontán a’s dein beart de: cas nó fill thart tímcheall a chéile é. Má tá fonn oibre ort lúb do dhrom a’s ná bí id phíce mar sin: crom é: ná fan id stuipéar. Lúb sé é féin ’n-a thímcheall ar nós na heascún nár bh’fhéidir é do bhaint as a ghreim: chas sé a ghéag ’n-a thímcheall go dlúth. Lúbfadh sé iarann duit .i. tá sé an-láidir. Níor lúb sé a dhrom riamh lé haonnidh ach a lámha ’n-a phócaidhibh aige: níor chrom: níor ísligh a chorp chun ruda do dhéanamh .i. níor dhein faic riamh ach an díomhaointeas. Cé lúb an mhias? tá sí gan aon mhaith anois: a chúb í: a chuir as a fuirm í. Níl cnámh ’n-a chorp ná lúbfainn: ná cuirfinn cor nó casadh ann. Do lúb an capall fén ualach, do bhí an iomad air: tháinig cor nó lag ’n-a dhrom le méid an struis a cuireadh air.

lúbaire: *f.4.* fear scafánta go mbíonn áis éascaidh a ghéag aige; gleacaidhe glic, cleasaidhe, cladhaire. Bheadh sé ghod mholadh léd bhéal a’s ag itheadh na feóla fuaire ort laistiar díot, an lúbaire: duine cam-aigeanta go mbíonn malairt a ráidhte istigh é. Thugas do é ar choingheall go bhfágainn a mhalairt, adubhairt sé, a bhí aige, rud ná raibh, sin é an lúbaire agat: an cleasaidhe bréagach. Lúbaire fir atá déanta dhe lé bliadhain, chómh cumasach a’s atá ag teacht ’on phobal: fear lúthmhar, láidir. Ní hiongadh leat é siúd do bheith ’n-a oibridhe mhaith, lúbaire mar é: fear lúthmhar as a ghéagaibh, fuinneamhail mear. Árd-lúbaire ag imirt cártaidhe seadh, cheileabharfadh sé agus d’áiteóchadh sé éagcóir ort: cladhaire. Ar an spiléar amach go léir fén bhfarraige bhí

lúbairidhe eascún againn: eascúin mhóra, fhada, thoirteamhla. Lúbaire capaill é sin a chuirfeadh suas stailc dá bhfaghadh cead a chinn: cleasaidhe, cladhaire.

lúbaireacht: *b.3.* meabhal, cleasaidheacht, cladhaireacht, camadghail, camastghail, castghal. Aonne a bheidh cionntach lé lúbaireacht sa chluiche seo maidir lé ceileabhradh, cómharthaidhthe, nó cómhaireamh éagcórach amach leis: cladhaireacht: cluanaireacht: mío-mhacántacht. Lúbaireacht cheart do a gheallamhaint go diongmhálta go ndíolfadh sé asta go luath – an coingheall go bhfuair iad a's gan aon taidhbhreamh aige air: rud do rádh a's a mhalairt do dhéanamh. Lé lúbaireacht a bhí sé ag cainnt go raghadh sé 'on arm go mbeadh meas air a's gan pioc dá fhonn air: cladhaireacht. An lúbaireacht a bhí ar an eascúin d'iarraidh í féin do shaoradh den ndubhán, ag casadh 'sag teannadh: cor ar chor dhá chur 'n-a corp aice. Lúbaireacht ghránda bheith ag brath ar chách chun do chothuighthe i ndúmas a bheith bocht a's airgead agat: camadghail.

lúbán: *f.1.* aon rud cuibheasach fada a bheadh lúbtha nó cor ann, bogha. Cheannuigheas lúbán tobac i gcóir an mhí: barra chómh fada go bhféadfá cor do chur ann. Lúbán breágh fir go bhfuil acfuinn a's fuinneamh ann: ógánach scafánta aicillidhe. Casta ar a chéile sa leabaidh 'n-a lúbán lé tinneas ná féadfadh é féin do shíneadh ná do shearadh: casta ar a chéile mar bheadh ceirtlín. Táim im lúbán gen ualach so: mo chnámha ag camadh fúm aige. Na líonta 'n-a lúbán gen taoide: bailighthe 'n-a gcuaircínidhibh. 'n-a lúbán cois teineadh is fearr leis sin do bheith: dearg-dhíomhaoin sa tigh. Ní amháin gur ghaibh sé lán a shaic air ach dhein sé lúbán dhe: chas mar budh mhaith leis é. Lúbáin na feirste: na gadraidhe a cheanglas do ceap an turain í.

lúbarnach: *b.2.* castaoidheacha a's iompuighthe; fiaradh fé theannadh, corruighe anonn 'sanall mar bheadh ag eascúin, cleasaidheacht cham, fealltamhlacht. Leis an bpan uathbhásach do bhí air bhí go haon scread nimhe aige a's é ag lúbarnaigh ó thaobh taobh: a chorp ar corruighe mar bheadh rud ag crothadh lé gaoith. Chuir an buile fuair sé os chionn a chroidhe ag lúbarnach treasna an chróidh é: ag grogghail a's gan é i ndán seasamh díreach. Sean-chleiteóig báid, ar gach aon bhuile farraige a bhuaileadh sí bhíodh sí ag lúbarnach ó fhosta go snaidhmin: an plannc lé stros ag mearchorruighe síos suas, sall 'sanall. Is iomdha lúbarnach istigh 'n-a bholg san, nuair bheadh sé ag gabháil soir budh dhóigh leat gur ag gabháil siar do bheadh sé: cor a's casadh cam, calaoiseach. An lúbarnach a bhí ar an eascúin d'iarraidh í féin do réidhteach as an líon: preabarnach corruighthe ag gluaiseacht trí n-a corp. Sid í an tsean-lúbarnach ag féachaint i gcártaidhibh a chómharsan: an chleasaidheacht chalaoiseach. Dheineas lúbarnach díom féin d'iarraidh gabháil tríd an múchán, ach bhí sé róchumhang dom chorp a's b'éigean dom stad: cnochaire: chonnluigheas mé féin ar a chéile. Mara mbeadh an lúbarnach a bheith 'n-a bholg ní bheadh sé ag rith ó shiopa go siopa ag tógaint ar cáirde nuair bhíonn an áirighthe sin air: gangaid: camasghail chun íoctha do sheachaint.

lúbarnaighil: *b.3.* (*-naghla*) do chasadh; do chamadh, cam a's cor do dhéanamh, cromadh. Ná bíodh aon lúbarnaighil ort, rámhaidh díreach: casadh ná ionfairt ó thaobh taobh. Bíonn lúbarnaighil an diabhail bhuidhe dhá thaidhbhreamh don nduine chéadna d'fhéachaint connus b'fhéidir leis an fear maith d'fhagháil nó an bob do bhualadh ort: camasghail: cleasa cealgacha. Is mór an lúbarnaighil atá istigh 'n-a chroidhe, bheadh sé

rómhaith do Phísín da maireadh sé: mórán machtnamh chun brábúch d'fhagháil. Chuir sé ag lúbarnaighil lé gáiridhibh me fé, ó cruthnuigheadh me níor bhuail a lithéid eile d'fhear grinn a's seóidh liom: freangaidhe ionam: mo chorp ar preabarnaigh. Ag lúbarnaighil leis an ocras, dá bhfaghadh san a chómhthrom bídh, b'é an fear lúthmhar, láidir é: cor sall a's cor anall ann a's é nách mór ag tuiteam ar a shmúsaigh. Bead ag lúbarnaighil liom anois amach as an teannta so: ag ionfairt ar nós eascún ag déanamh na slighe.

lubhra: *b.4.* breóidheacht; droch-ghalar. "Tosach lubhra léan": tuar breóidhteachta buaidhreamh.

lúbtha: *a.r.* cromtha, silte, casta, fillte. An duine bocht lúbtha anois 'sis mithid do, is iomdha lá aoise aige, a cheann 'sa chosa casta ar a chéile. Bun an dorais lúbtha isteach a's siolladh ag teacht fé: druidte isteach aréir a barra lé neart strusa. Ní bhrathaim aon éascaidheacht im chnámhaibh lé seachtmhaine, táid lúbtha fúm: tá siad stanctha gan aon líomhthacht. Béal an dubháin ró-lúbtha: casta isteach.

luch: *b.2.* (*iol.* luchaigh) Nách mion an chlann iad, níl oiread (toirt) luiche in aonne aca: gan aon scrothaidheacht. Dá mbeadh arbhar arán, etc., curtha gan mhaith deirtear, "níor bh'fhearr dhuit rud do dhéanfá leis ná é do thabhairt dos na luchaigh". Cé phósfadh an crúnca úd a's é chómh liath lé luich: dath na luiche ar a fholt. Nuair bhíonn an cat amuigh bíonn an luch ag rinnce: nuair ná bíonn an té go mbíonn eagla roimis nó smacht aige láithreach bíonn ranngcás a's cead reatha ag daoinibh. Is minic a chuaidh luch fé stáca .i. dá mhéid é a's dá thruime 'n-a cómhnáird ní mhothuigheann sí bheith fé .i. is minic nách é a luighead a thagas lé duine. An oiread san faobhair ar an rásúir go mbearrfadh sí luch 'n-a codladh duit! .i. ní brathfí lé n-a líomhthacht í. Luch cholamáin áird: ainmhidhe beag codlatánach cosamhail lé luich. Theasbáin sé nead luch cholamáin aird do .i. dúnann an té go mbíonn uaidh fagháil a shúile faid bítear ghá treórughadh, mar dheadh chuiche, ach is amhlaidh a sáidhtear a lámh i salachar! Féach anois an íde atá ort, táir id luichín mhaol bháidhte .i. crot na luiche a báidhfí ort. "...ag itheadh feola muice agus na hadhfhuathmhaireachta agus na luiche, scriosfar uile iad, adeir an Tighearna" (Iosai. LXVI. 17). "Beid so mar an gcéadna neamhghlan díbh...an easóg agus an luch agus an tortóis go n-a chinéil" (Leibh. XI. 29). Cuiridh uaim an glisiam luch a's leigidh néall chodlata ar dhuine: anaoid, glór a's mion-screadghail. Raghadh sé isteach i bpoll luiche uait lé heagla rómhat: sa pholl is lugha. Luch fharraige: iasc fada caol a's gob an-fhada air. Súgradh caitín leis an luichín, súgradh néadh: luichín i ngreim ar thoil an chait a's é ghá leigeant uaidh 'sag aithbhreith uirthe: luch bhocht chráidhte. Nuair éaluightear ar rud milis deaghbhlasta, deirtear tá luch in áit éigin: duine atá ag ganfhiosaidheacht. A mhic ó mo chroidhe, b'é mo bhail fanacht chómh ciúin lé luich mar raghadh súd im mhuineál dá ndéarfainn "haf san" .i. gan cor ná glór asam.

luchaire: *f.4.* tóraidhe luch. Luchaire maith cait: cat maith chun a ndíscighthe.

lucht: *f.3.* an méid a bheadh in árus, etc., nó a raghadh ionta, last, an méid aráin a bácaltar sa turus. Dhá únsa té lucht gach aonne anois leis an mír-riar .i. an méid atá ceapuighthe dho. An bitheamhnach ag stracadh luchtaidhe glaice féir as an gcoca: an méid go

bhféadfadh sé greim d'fhagháil sa turus air. Lucht gráine a bhí sa luing: ualach. An chéad lucht eile plúir a thiocfaidh coimeád mála dhe dom: roinnt.

lucht: *f.3.* aicme, daoine, gasradh, dream. Lucht an tighe go léir as baile, an glas curtha ar an ndoras: muinntir. Lucht meisce, seachain go deó: iad so a bhíos tugtha do phóit. Ní haon lucht meisce muinntir an pharóiste .i. ní ólaid ach go héadtrom. Lucht páipéar lucht na scéalta nuadha: na daoine a bhíos ghá léigheamh nó ghá gcur lé chéile. An lucht a bhí ar an oileán ar dtúis lém chuimhne-se, de mhuinntir Dhálaigh iad: an aicme a shealbhuigh é. D'aithneófá lucht luinge thar dhaoinibh eile, máirnéalaigh: fuireann: daoine a bhíos ar bórd. Is mór go léir an lucht mearbhaill sibh nách fios do neach agaibh cad é bhur gcúram: dream nó scata duine atá bun os cionn 'n-a gcuimhne. Ar mo lucht aitheantais, a's is mór na daoine sin, níl aon fhear is féile ná é: na daoine go léir is coidreamh dom. Lucht éin tíre: cóimhthíorthaigh. Ná bíodh doicheall ort roim lucht aon uaire ach go háirighthe: daoine ná tagann ach uair as an gcéad. Cuireadh amach ón arm lucht braithte: dream nó scata ar lorg eolais a's nirt namhad: spiairidhe. Lucht eolais, feasa, oibre, ceoil, cáinte, céirde, millte, rinnce etc.: daoine tugtha dóibh seo. Is báidheamhail iad lucht éin chéirde, éin chinidh: na daoine a ghaibheas leis an gcéird chéadna: iad so go mbíonn an tsloinne chéadna ortha.

luchtmhaire: *b.4.* flúirse, fairsinge. Raghadh mórán gallún sa tsoitheach lé n-a luchtmhaire: a mhéid, a fhairsinge. Má cuirtear dréir mar tá comhairlighthe dhúinn ambliadhna beidh luchtmhaire chruithneachta a's bídh againn: flúirse: ár ndóthian.

luchtmhar: *a.* fairsing, flúirseach, ládálta. Long luchtmhar de gach saghas earra: lán suas, oiread a's d'iomcharóchadh sí. Déarfainn go bhfuil an trucaill luchtmhar a dóthain don mbeagán agaibh atá innte gan bheith ag brughadh ar a chéile: leathan, fairsing. Dúthaigh luchtmhar ó Thráighlí anoir dob eadh í seo tamall den saoghal .i. daoinmhear.

luchtóir: *f.3.* duine a bhíos ag breith aon tsaghas lasta i mbád nó i luing thar farraige. Luchtóiridhe caorach, capall a's beithidheach ag an dtighearna (talmhan) ós na hoileánaibh isteach. Luchtóir mór gráine a's adhmaid: ceannaidhe a bheireas thar farraige iad.

luchtóireacht: *b.3.* iomchar thar farraige; ag breith last ó chaladh go caladh. Indiu tá an bád ag luchtóireacht: ag breith ainmhidhthe ó oileán go míntír nó ar an gcuma eile. Na seanbhuachaillidhe a bhíodh annso, bhídís ag luchtóireacht idir seo agus Luimneach: ag breith last éisc leó ann a's salainn abhaile. Bíonn an t-áthrach beag dhá chrann san ag luchtóireacht idir Loch Gearman a's Áth Cliath: ag iomchar earraidhe idir an dá chaladh.

luchtughadh: *f.* (*-uighthe*) do chur lachta nó lasta nó ualaigh i mbád nó i luing. Ag luchtughadh éisc innte gur imthigh sí síos fé n-a gcois: ghá hualughadh. In ainm Chruim, ná bí ghom luchtughadh-sa léd chuid gearán: ghom bhuaidhreamh.

luchtuighim: *b.a.* ualuighim, cuirim lacht nó last i. Luchtuigheadh an long síos go slait lé píopaidhibh fíona: líonadh í. An tslighe do luchtuigheadh an trucaill bhí sí ag lúbarnaigh: cuireadh an oiread san innte.

luchtuighthe: *a.r.* ualuighthe, lachtuighthe, ládálta. Scuaine áthrach luchtuighthe i dtionnlacan thar lear: lán d'earraidhibh. Táir luchtuighthe go maith anois, níl póca ort ná fuil lán palcuighthe: lán go smig.

lúdar: *f.1.* lútáil, teanga liom leat, bladar, bladaireacht, slíománaidheacht, plámas. A rud sprionnlaithe, a bheith ag lúdar ar aonne ag tnúth lé digh, ag cuimilt do leidhbe a's do bháis dhe: ag lútáil go suarach. Ghod mholadh go cannaibh na gréine bheadh sé lé súil go mbeadh a bharra aige, lúdar ar fad seadh é: plámás: moladh a's móradh bréige.

lúdrach: *b.2.* bacán de mhiotal, de phras nó dá lithéid ar 'n-a gcrochtar a's go gcasann doras, geata, cómhla etc.; alt. Lúdracha an dorais: na cuibhrigh a ghreamuigheas an chómhla des na lidhibh. Scuab an tarbh leis an chómhla dá lúdrachaibh an cuibhreach leis an bhfráma. Bain an chómhla dá lúdrachaibh: árduigh í go n-éireóchaidh na tuislidhe (an chuid a bhíos ar an gcómhlainn) des na bacánaibh.

lúdramán: *f.1.* duine bog, mío-thapaidh, neamh-anamamhail, díomhaoin, leisceamhail. Lé tamall gearra tá lúdramán déanta dhe, níl anam ná anál ann, ar éigean do bhrathfá é do bheith in ao'chor ann: rud díomhaoin gan cor ar bith as. Daoine mar sinne ná fuil an biadh caithte againn níl ionainn ach lúdramáin gan fuinneamh: daoine malla, míothapamhla. Go bráth na breithe ní bheadh aonnidh cóir déanta agat ar an gcrot atá ort, a lúdramáin: duine leisceamhail gur duadh leis a ghéaga do chorruighe: scraiste gan tairbhe.

lug: B'ait leis gach aonne a luaithe a thuit an lug ar an lag ag an bhFrainnc: a thárlaidh a raon. Chuadhas ann lán-deimhnightheach ná beadh aon cheal orm ó bhí mo dhóthain airgid agam ach thuit an lug ar an lag agam nuair ná raibh faic rómham b'fhéidir d'fhagháil: d'imthigh mo mhisneach. Nuair dubhairt an dochtúir gur bh'é a thuairm ná raibh puinn dul ar éirghe aige thuit an lug ar an lag aige: chaill a dhóchas aige ar an dtoirt. Ná tuiteadh an lug ar an lag agaibh, mara bhfuil radharc talmhan féin agaibh, is giorra cabhair Dé 'ná an doras: ná cailleadh bhur misneach oraibh.

lugha: *b-ch. an fhocail beag* Is beag an rud a ghníos díoghbháil duine go minic, nách seanfhocal é, "nách lugha frigh 'ná máthair an uilc": túis an droichnidh is minic go mbíonn chómh suarach san ná tugtar fé ndeara é nó nách fiú lé duine ceann do thógaint de. Sin duine anois agus ní lugha liom an sioc 'ná é, coimhtheach, daibhceach, neamhchainnteach: táim chómh mí-mheastamhail air agus is féidir do bheith. Ní cuid budh lugha 'ná a fhonn a bhí air me do ghearán gan chúis gan adhbhar: bhí sé rithte chuige: fonn a chroidhe. B'é budh lugha budh ghann duit beannughadh dos na daoinibh: ar a luighead. Ní bhuailfidh seisean me ar mhaithe leis féin, ní lugha 'ná bhuailfir-se me: cómh-dhul atá ag an mbeirt agaibh. Níor lugha an bás 'ná é do phósadh: cómhshásamh léi iad. Ní lugha liom an sugha 'ná é do theacht chugham, ní bhíonn ar siubhal aige ach cúlchainnt a's suainseán a chómharsan: meas an tsughaidh atá agam air. Is lugha aige púnt 'ná scilling aige duine .i. aon tsuim níl in airgead. Ní lugha leó an diabhal 'ná a chéile: táid an-ghráineamhail ar a chéile. Ní raibh sé lé dhá lá ar an obair, a's ní lughaidhe go mbeidh ambáireach: ní deallramhtaighe go mbeidh. Uisce maidir lé digh mearbhaill an

deoch is lughaide díoghbhail: an té a fhanfadh air ní bheadh oiread dochair dá chionn air. Is lugha is dóichighe de ná tiocfaidh sé ós clos do tusa do bheith annso a's go ndéanfá a chion: seadh is gainne dul aige ar theacht. An té is lugha ciall ní dhéanfadh sé magadh fé chómhairle breis na curadóireachta: an té a bheadh ar fhíor-bheagán di. Budh cheart go mbeadh dhá chéad púnt in airgead tirim aige ar an gcuid is lugha: an méid sin cumhang, caol. Is lugha is cirte dhom cabhradh, ní fuláir, lém mhuinntir féin ná lé daoinibh iasachta: is dóibh do théigheann tosach. Níor lugha aige tú do phógadh 'ná tú do bhualadh: dhéanfadh ceachtar díobh go pras. Níor lughaide na pócaidhe an méid do baineadh asta: níor bh'fhiú trácht ar an ndísciughadh do deineadh ortha. Níor lugha aige teacht as na taomachaibh sin 'ná bás d'fhagháil i gceann aca: ní haon iontaoibh ná go n-imtheóchadh i gceann aca. Ní lugha méar sa bhfóghmhar ná scilling nó dhó do chaitheamh lá aonaigh: ní fiú trácht air. Ar an leagadh trom, árd do baineadh as, is lughaide nár marbhuigheadh é: ádh an domhain a bhí air ar an méid cúise do fuair sé. An té is lugha gearán is minic gurb é is mó tinneas .i. ná gearánann ach beagán. An rud is lugha a chonnaicís riamh a thabhairt do leanbh leagfadh sé a shúil: ruidín an-bheag nó neamhtháibhachtach. Budh lugha aige mise 'ná tusa: is mó an meas a bhí aige ort-sa. Fuair sé ar nidh budh lugha 'ná púnt é: airgead (luach) fé n-a bhun. Na daoine is lugha a chonnaic sé riamh is i lár na hAfraice do bhuaileadar leis: budh mhine: gan scrothaidheacht. Ní lughaide thu carthanacht do dhéanamh: ní cur siar ort é.

lúghna: *b.4.* Lá Lúghna an chéad lá den ochtmhadh mí. Ní tháinig lá Lúghna fós .i. go dtí san ná maoidh as thoradh na talmhan. Budh dhóigh lé duine air gur bh'é lá Lúghna aige é: go mbeadh duine chómh strusamhail a's budh cheart don gcriadhthaire do bheith an taca san de bhliadhain.

luibh: *b.2.* (*iol.* –eanna) plannda gan mianach an adhmaid gur gnáth leis dul ar ceal sa gheimhreadh; plannda go mbíonn airidhe leighis ann. "Is í an luibh ná fachtar a leighiseas" .i. an rud a fhóirfeadh a's gan fagháil air. Tá árd-dhúil sa luibh aige .i. té nó tobac. "Choidhche ní mhairfinn gan braon den luibh ar maidin" ars an tseanbhean: té. Fén roith raghadh sé chun gal den luibh nó caithne fé n-a fhiacail: tobac. Níl leigheas luibh ná liagh ar an mbás: aon rud a thugas an talamh ná inntleacht an duine ní choiscfeadh an bás. "Tá luibh ann lé haghaidh gach tinnis": plannda (dá mbeadh a fhios) a leighisfeadh é. Ar an éileamh atá aige uirthe fuair sé an luibh: sughlach bruithte luibheann a mheallfadh é. "Agus an uair chídhtí so gáirdeóchaidh bhur gcroidhthe, fásfaidh bhur gcnámha amhail luibh etc." (Iosai LXVI. 14): go húr, mear. "Is fearr dinnéar luibheann mar a mbí grádh ná damh biadhta agus fuath maille leis" (Seanráidhte XV. 17): planndaidhe na talmhan. Ádh air do shíor fuair sé luibh in áit éigin: fás rúin a chuir an rath air. Sé an cion atá agam air, luibh éigin do thabhairt do a luathóchadh: an ghráin agam air. Nuair óltar deoch shóghail deirtear, "is maith an luibh gur deineadh as í": an fás. Bean luibheann .i. bean a bhruitheas iad agus a bhíos ag déanamh leighis lé n-a sughlach. Luibheanna íce: luibh cneasuighthe. Ní maith luibh ná ceiridhe anois do: aon rud do thabhairt lé n-ól dó ná aon leigheas do chur lé n-a cneas .i. tá sé ró-imthighthe.

lúibín: *f.4.* lúb bheag, cuaichín, cúil bheag, cúinne beag cumhang, goirtín; casadh an-ghrod. Dein lúibín im léine don gcnaipe bheag so: oibrigh scoiltín nó poillín go mbeidh a cheasa fuaighte, fuinnte. Baile beag cumhang seadh é, cá bhfuil a pháirceanna ach

lúibínidhe sprionnlaithe: garradhtha beaga. Cuirfead lúibín phrátaidhe, mo dhóthain féin: goirtín beag nó cúinne guirt. Cheannuigh sé lúibín thalmhan a chothóchadh a asal do: ádhbhairín talmhan. Thuit an raic isteach i lúibín thalmhan: lag nó clais bheag chuar. An piscín 'n-a lúibín cois teineadh: casta 'n-a chéile mar bheadh cheirtlín. Lúibínidhe fionna mo leinbh bháin: cuacha beaga fuilt.

lúibíneach: *a.* casta, cúinneach, géar-uileannach, cuachach, glic, ceárdamhail, cealgach. A folt lúibíneach léi go crathach: a cuid gruaige 'n-a cuachaibh, muirearach. Connus is féidir an daradha so a réidhteach, tá sé chómh lúibíneach lé snáithín stoca: lán de choraibh a's de chastaidheachaibh. Bóthar árd-chonntabharthach seadh é, gan puinn radhairc ag duine roimis amach air mar tá sé lúibíneach: cuir a's castaidheacha groda ann.

lúibíneacht: *b.3.* camasghail, gliocas, cladhaireacht. Bhailigh sé isteach 'on tigh ná raibh leath-chríochnuighthe mórchuid sean-throscáin, dhein urradhas air, a's lé lúibíneacht an duine thug sé teine dho chun airgid do dhéanamh as: camasghail ghlic. Lé lúibíneacht an mhada ruaidh is annamh choidhche a dheineann creach in aice a phruaise chun na tora do chur de: gliocas ceart.

luibhreadh: *b.2.* luibheanna go léir i dteannta a chéile. Talamh mór luibhridhe: mórchuid de shaghasaibh deifreacha ag fás ann.

luichín: *f.4.* luch bheag, baineannach bheag shuarach. Mar bheadh luichín i stáca tá sí casta sa tsúsa: go seascair. Dhe, mhuise níl sí mó ná taithigeach, cad tá innte ach luichín: bean nó cailín beag, suarach.

luichtín: *f.4.* uailín; deascán. Níor ghábhadh dho an gleódh go léir a dhein sé as an luichtín féir do thógas as a choca, ní raibh lán phuill m'oscal ann: brobh. Is rófhada go mbeadh an oiread mhór san guail aistrighthe 'n-a luichtínidhibh asail: ualaighe beaga. Níl sa luichtín seo agam, ná bíodh aon fhormad ort ach leathcheann muice: beartán.

luid: *b.2.* blúire beag, ceirt, giobal, leadhbóg, faic, géibirne, cáithne, céim, corruighe. Luid sa tsaoghal níor fhan aige ná gur imthigh leis an sruth, idir airgead a's mhaoin: faic in ao'chor: an chuid budh lugha. Ní raibh luid aige nár buadhadh uaidh: scriosadh é: dealbhuigheadh é. "An bhfuil aon arán agat?" – "luid": blúire in ao'chor. D'éaluigheadar i mbád as an luing gan eaga aca luid do chur ortha: balcais éadaigh. Luid coraidheachta ná comhthruim ní bhfuair an t-aindeiseóir riamh ach ag obair ar nós an chapaill: a luighead. Dá mbeadh luid chéille agam ní thabharfainn aon ghéilleadh dá lúdráil sin, mar is fada teist an éithigh air: beagán suarach. Pé luid a bhí agat, tá sí bailighthe uait .i. dá luighead céille, a's budh bheag é, a bhí agat, níl aon rian di anois agat. Ná bí chómh sprionnlaithe sin, t'r'om luid éigin: cáithne nó blúire beag. Luid níl ar a thóin ná ar a dhrom anois, ach beagán nách fiú áireamh .i. níl air ach giobail. Luid neamhghasta mhná ná fuaghálfadh a's ná cnotálfadh: leadhb: bean gan chrích. Luid aige ach mar tháinig sé ar an saoghal: beo, bocht, dealbh. Luid níl aige orm-sa .i. nílim i bhfiachaibh aige. Luid (breise) aoirde níl agam ort: cómhaoirde sinn. Staon anois, ná bí ag rith leat féin ar fad, b'fhéidir ná maoidhfeá luid air: ná beifeá i gcumas a rádh go rabhais aon phioc níos fearr

’ná é. Bhuail sí aniar ón bhfarraige gan luid anairte uirthe: a cuid seólta stollta, stracuighthe.

luideach: *a.* giobalach, neamhghasta. Ná feictear ameasc na ndaoine thu leis an gcrot luideach atá ort, níl balcais slán ar do chnámhaibh: giobalach.

luideóg: *b.3.* giobal, ceirt, blúirín, scothóga, fuighleach tailliúra, gréasaidhe etc. Ní fhéadfadh aon bhuancas bheith i sál na bróige mar pé luideóg a bhí aige is é do chuir sé ghá dheisiughadh: mionbhlúiridheacha fuighligh: bearrthán. Nách neamhchríochnamhail an duine é, níl air ach na luideóga a’s ní lé boichte é: giobail: sean-bhalcaisidhe: ceirteacha.

lúidín: *f.4.* an mhéar bheag (láimhe nó coise), ródh; duine suarach. “Más salach í an lúidín is den láimh í” .i. mara bhfuil agat orm-sa ach meas suarach cuimhnigh gur gaolta aon chinidh sinn. D’éaluigh a bhean ón scafaire galánta lé lúidín duine suarach, táir. “Ar mo lúidín chéasta nách me a dhein é”, adeir leanbh ag dearbhadh an chirt do bheith aige. Ó lúidín a choise go mullach a chinn fear dob eadh gach aon phioc de: an uile bhall dá chorp. Chómh maith agus is maith liom Dia d’fheicsint níor chuireas lúidín ann: truagh ná tréan ní raibh aon bhaint agam leis. Bhíodar chómh suarach san d’iasc a’s chonnac riamh, faid mo lúidín ní raibh in aon cheann aca .i. gan aon toirt ionta. Bhéarfá ar do lúidín leat an méid feóla fuair sé ar a phúnt: ní raibh toirt ná meádhachtaint innte. Féach, lém lúidín do leagfainn é .i. gan aon dus seasta ná fuilng ann. Is mó agam lúidín a coise ’ná do chorp ar fad .i. táim an-cheanamhail uirthe.

luifín: *f.4.* cómhartha saoghalta, máchail, iarsma, iomard. Cuirfidh an fharraige luifín ort-sa mara seachnair tú féin uirthe, táir i bfhad ródhána .i. bádhfaidh sí thu. Cheannuigh sé le linn nidhthe bheith daor a’s dhíol ar shlat-mhargadh, d’fhág san luifín air: máchail: dochar. Nuair leagadh ag fiadhach é fágadh luifín lé n-a shaoghal air, féach a bhacaighe atá sé dá dheascaibh: iarsma. Cad chuir an luifín ar do chluais?: rian mar bheadh i ndiaidh miotóige etc. An iomad réime ar fad ar fad fé, is maith do theastóchadh luifín uaidh: rud éigin do dhéanamh leis a mhíneóchadh é. Is minic luifín curtha air tímcheall cúram a thairngeann sé air a’s gan aon eólas aige ortha, ach is é an fear céadna airís é ag sáthadh chúcha: dochar tagtha dho.

luighe: *f.4.* síneadh siar, bheith breóidhte, bualadh i gcoinnibh, canntáil air, fáscadh, dlúthughadh, tafant; leagadh, teannadh; cóir, aiste, ionad, claonadh, fonn, claoidhe; cur ar; aitheantas colna; cómhacht. Peaca uathbhásach seadh luighe trom ar bhochtaibh: bheith dian ortha: géirleanamhaint do dhéanamh ort. An té go mbíonn a bhróg ag luighe air is cumhang leis Éire: go mbíonn ghá ghortughadh. A bhuidhe lé Dia ná fuil an cogadh ag luighe orainn chómh mór a’s tá ar thíorthaibh eile: tá fuighleach fós againn a’s gannchúis aca san: ag cur orainn i slighe gur dhochar dúinn é. Droch-tháilliúir a dhein an chasóg san, níl sí ag luighe i gceart ort: níl sí dlúth léd chorp. Níl cosa an bhúird ag luighe i gceart ar an úrlár, mar sin tá sé guagach: ag bualadh in ionannas air. Is é an náire dhúinn bheith ag luighe rómhór ar fhear fhial, tá an iomad dhá chaitheamh aige linn .i. bheith ghá chur chun an oiread costais. Tigh neamhchluthair seadh é, tá luighe na gaoithe rómhór air: bualadh: séideadh. Is iomdha rud a bhíos ag luighe ar chroidhe an fhir thall i

nganfhios dúinn: ag déanamh buadhartha dho. Tusa bheith bocht, ní dheineann aon luighe ar mo chroidhe-se: ní bhrathaim in ao'chor é: is cuma liom. Dubhart leis luighe ar cheann an chapaill leagtha faid bheifí ghá réidhteach: an ceann do choimeád dlúth leis an dtalamh. An-chonntabharthach ar fad do bhí sé bheith innte ar an luighe-seóil a bhí uirthe dá dtagadh aon chóch: an leathcheann a bhí uirthe de chionn an méid gaoithe a bhí sa tseól. Dhein an bád luighe chómh mór san gur thóg sí soitheach uisce: chuaidh taobh di síos chómh doimhin sin. Aon tsánas níl ag an lá dhá dhéanamh ag luighe air atá sé: ag leanamhaint de níos déine. Aon mhaith ní dhéanfair duit féin, bír ag luighe rómhór ort féin: ag cur chun breise a's do choisce do dhéanamh. Ná bíodh aon eagla ort go ngoirteóchaidh an liaghairne sin é féin, mar is beag an luighe a dheineann air féin: strus. Níor dhein sé ach luighe orm, an t-alfraits chómh luath a's fuair an lom orm: dul níos déine: an gad d'fháscadh orm. Go deimhin an lá budh mhacáinte é ní raibh puinn lé maoidheamh aige, ach luighe amach ar ghadaidheacht, sin í an teóra: cromadh uirthe é féin do thabhairt uirthe. Is minic minic a dubharthas leis luighe amach air féin ach 'n-a ionad san is chun siléige a's leisceamhla chuaidh sé é: breis anama gnótha do chur ann féin. Caithfidh sé luighe ar an éitheach anois nuair ná fuil aon chúig argóna aige: a thriall do bheith air. É féin do thairng an bhruighean air féin lé n-a chuid gaigidheachta, ach ambriathar go ndeaghaidh luighe na mbuillidhe air: gur aige do bhí an chuid budh mheasa den dtroid. Gach stiall dár thug sé uaidh chuir sé 'n-a luighe í: ghoill sí ar an rud (té) a bhí dhá bhualadh. Beir do chuid eitheach in áit éigin eile ní fhéadfá é do chur 'n-a luighe orm-sa .i. ní chreidfinn uait é. Aicíd ná galar a bhíos ar siubhal téigheann sé 'n-a luighe air, duine leice é: goilleann air. Fuacht ná feanaid ní raghadh 'n-a luighe air sin, a's é do bheith gan luid faoi: ní ghoillfeadh air: ní raghadh in achrann ann. Is iomdha duine fé luighe na gréine agus táir ar an nduine is aite aca: go ngabhann sí os a chionn. An ghaoth ródhocht a's an bád rómhór fé luighe na talmhan ní éireóchadh sí ar an ngob: ró-athchomair isteach do. Is mairg don té a fhágas an uile nidh fé luighe na faoistine déidheannaighe: fé n-a cóir. B'fhearr aonne eile 'ná mise do dhul chun réidhtigh leis, mar táim-se rómhór fé 'n-a luighe: fé 'n-a chómhacht. B'árd a's budh dhiamhair é an fharraige indé, is mór an luighe atá indiu uirthe: ciúnas, suaimhneas, maolughadh. Nár théighidh luighe ar t'earball, maran tú atá go guairneánach: aon tsuaimhneas ná socracht nár thagaidh ort. Cuireadh iachall orm luighe ar mo dhá ghlúin sa lathaigh: iad d'fheacadh innte. Má chídhim ag luighe do shúl ar do pháirtidhe airís thu cuirfead suas do lámh: ag dúnadh a nduilleóg i gcómharthaidhibh. Ar luighe na súl bheadh áthrach aoir ort gan aon choinne léi: prap na súl .i. go hobann. Aon luighe níl ag dul ar Shasana ná ar an nGearmáin: maolughadh troda. Luighe leis an uan a's éirghe leis an éan: luath, moch. D'iarradar orainn luighe leo chun bídh: suidhe 'n-a gcuibhreann. Más fuireann lag féin iad, táid ag luighe leis an ndream eile go cródha: ghá n-imirt go dian. Níl aon luighe lé hobair ag baile aige, b'fhearr leis tabhairt fén bhfarraige: claonadh: leagadh, gabháil lé. Is mó an luighe a bhí aige lé n-a athair 'ná lé neach eile: budh mhó a chion air. Tháinig an oiread san luighe aige le B'l'Áth Cliath nár fhág sé é ó chuir sé cos an chéad lá ann: caitheamh 'n-a dhiaidh: éileamh do bheith ann. Caithfear luighe lé cruadhtan, leis, go minic: bruic leis. Duine seadh é ná fuil aon luighe lé héitheach aige, ní lugha leis an sughadh 'ná é: leagadh: fonn éisteacht leis. An capall ag luighe leis an dtrucaill go coingheallach: gan aon chol aige roimpe ná a leanann de chruadhtan í. Luighe lé mnaoi do chómharsan: aitheantas colna do chur uirthe. An tráthnóna ag luighe chun aoibhnis: claonadh leis: aoibhneas ag teacht orainn. Ó ná fuaireas aon luighe chun cainnte air níor

chuireas aon choimhtheas air: fonn cainnte, níor bhacas do. Is mithid luighe chun bídh, tá sé tamall maith ag feitheamh linn: cromadh ar itheadh. Luighe chun cainnte atá uait in ionad bheith ag tiargabháil abhaile: cromadh chun: dot chóiriughadh féin i gceart. Fonn luighte chun aighnis lé haon bhod bóthair a bhuailfeadh leis: an aimsir do mheilt ag cómhchainnt gan éifeacht. Níl sé 'n-a luighe ort éisteacht lé tuairmidhibh aonne mara b'é do mhian é: ceangailte. Tá sé 'n-a luighe ar an óige urraim do thabhairt don aois: is é a ndualgas é. Ar a son féin sé dualgas na bhfeirmeóiridhe luighe chun cruithneachta ambliadhna: breis di do chur agus aire do thabhairt di. In am luighte ag an saoghal mór anois: am dul chun codlata. An fada tá sé 'n-a luighe?: ar a leabaidh. Is olc an luighe é sin déanta gen gcoirce, lobhfaidh sé: síneadh ar an dtalamh. Luighe gan éirghe air, mhuis! sin í mo ghuidhe-se dho: an taom atá air nár chuiridh sé dhe beó nó marbh go bhfaightear ar a leabaidh é. Ná tiocfadh fonn luighte uair éigin ort: fanacht socair nó dul 'on leabaidh. Ó éirghe go luighe gréine ní théigheann stad ar a ghéagaibh: ó dhubh go dubh. Idir luighe agus éirghe don nduine ní fheadair sé cad a thárlóchadh do: ó am dulta chun suain. Sé a fhaid ar a ghiorracht é, idir luighe agus éirghe dho, mar ná féadfadh an ghligínteacht do fanacht socair gur treascaradh ar shlait a dhroma é: maidir leis an nguairneán a bhí air. Deinimís luighe cois an chlaidhe ón bhfearthainn: cromadh n-a choinnibh chun fothana. Deinimís luighe fé scairt chun ná feicfí sinn: cromadh síos ar a scáth. Go gcuirtear im luighe me bead ag saothar liom: go síntear san úir me. Ná tuigeadh sé ar feadh leath nóiminte go ndéanfainn-se aon luighe fé: fulang leis: leigeant do a thoil d'imirt orm. Ní feadar-sa cé bheadh ag luighe thíos fé aonne a fhéadfadh: cé bheadh ag bruic lé cruadhtan ó chách a's é bheith ábalta ar é do chosc. Ní maith an colpa an t-asal san, bíonn sé ag luighe fén ualach: ghá shíneadh (chaitheamh) féin ar an dtalamh. Chaitheadh sé an lá 'sa ghuala 'n-a luighe i gcoinnibh (leis) na hursan aige: buailte léi mar chabhair seasta. Athrughadh ar bith níl air, an luighe céadna atá air a bhí air nuair chonnaicís é: an aiste chéadna: can. As an áit go raibh sé níor haistrigheadh é, tá sé sa luighe chéadna fós: san ionad san. Dubh-luighe uirthe mar thír, ní bhfaghaidh sí leath a dóthana mar is mór agus is dochraideach an díoghbháil do rinne sí dhúinne: cur fé chois anacrach! An bhean 'n-a leabaidh luighe sheóil: i mbreóidhteacht leinbh. Fanaidh annsan, táthaoi i luighe mhaith troda: ionad. Go mór a's go fada is fearr an luighe cogaidh atá ag an nGearmáin an turus so 'ná sa chogadh cheana, ó tá greim aice ar phúirteannaibh na Frainnce: ionad. Nach breágh nár chuiris uait riamh gan bheith ag luighe ar dhuine éigin: canntáil: ag déanamh cómhgaraigh. Luighe isteach ná amach ní bheidh agam ar an bhfear san, ní duine d'aonne é: baint ar bith. Tamall 'n-a shuidhe a's tamall 'n-a luighe aige: feabhas a's olcas. Cuireadh an dlighe 'n-a luighe go trom air as an ngadaidheacht: i slighe a's gur bhrath sé go maith í: níor coigleadh air an dlighe. Nuair chonnac-sa an long bhí luighe aice ó thuaidh: caitheamh, leagadh sa treó san. Sínte ar bhruach na mara im leath-luighe ar m'uilinn: i dtaca. An bhféadfá luighe anall mar seo .i. "taobh" do thabhairt ort féin sa treó so. Ná dein aon luighe ar an gcluais ná go mbeidh a cheart aige siúd nó fios cad 'n-a thaobh: ná codail uirthe: ná dein deimhin de. Tá an diabhal 'n-a luighe 'nbhur measc má chuireann sibh lámh ar an rud ná baineann libh: ar a shástacht: a dheáibreacha ar siubhal aige ar a thoil. Rófhada 'n-ár luighe dhúinn, bíodhgaimís: gan cor asainn. Táthaoi ag luighe lé chéile ar fheabhas: i gcuideachtain shuairc. "...do ghlac doilgheas iad agus do bhíodar na fir rófheargach fáth go ndeárna sé leimhe in aghaidh Iosrael trí luighe lé hinghin Iacóib nidh nár dhleaghthach do dhéanamh" (Gen. XXXIV. 7): aithne na colna

do chur uirthe. “Lá ’n-a suidhe a’s dhá lá ’n-a luighe a’s go dtógaidh Dia dílis a cúram díom”: gan bheith ar fóghnamh a’s ar an leabaidh.

luighe: *b.4.* móid, dearbhadh, leabhrughadh. Bheirim-se luighe mhuise, dá bhfaghainn-se greim ar mo chuid airgid gur fada buidhe go scarfainn leis chómh bog a’s dheineas: móidighim. Bheirim-se féin luighe ná fuilid siúd in ao’chor chómh rabairneach a’s budh mhaith leó daoine eile do bheith: ar mo leabhar breac ná fuilid. Raghadh sé fé luighe a airm go bhfanfadh sé san áit budh bhaoghalaighe: dhearbhóchadh sé ar a chuid airm. Mise fé n-a luighe dhuit air ná himtheóchaidh faic annso ort: dearbhuighim-se dhuit gur urradhas me air.

luighreachán: *f.1.* breóidhteacht, síneadh siar; fanacht ar fionnraighe; claonadh leagadh. Ná raibh san d’fhaid de luighreachán bliadhna ort .i. an fhaid a bhís ag déanamh na comaoine sin dom ná rabhair id luighe lé tinneas ná diachair. Budh mhór an luighreachán é – ar an leabaidh lé deich mbliadhnaibh: breóidhteacht. Sin áit atá ró-thais, mholfainn duit gan puinn luighreacháin do dhéanamh ann: stuidéar: fanamhaint. Ní maith é dod phóca ná dod shláinte luighreachán do bheith agat leis an ól: leagadh: claonadh, dúil. Go gcuiridh Dia luighreachán na bliadhna tharais na ndaoine: breóidhteacht nó tinneas. Bhítheas ag déanamh luighreacháin air ag teacht abhaile dho a’s gan aon éachtaint aige air: ag feitheamh leis chun a ionsaidhthe. Is mithid dhúinn bheith ag cur dinn, tá luighreachán rófhada déanta annso againn: moill a’s faillighe.

luighim: *b. n-a.* dearbhuighim, móidighim. Luighfead fé dhuit ná faghair locht sa domhan ar an earra atá dhá dhíol agam leat: raghad fé dhuit: móidighim duit gur earra mhaith í. Ní luighfinn fé: ní mhóideóchainn leis.

luighim: *b.a. 7 n-a.* sínim siar, sínim ar, teannaim ar, téighim chun suaimhnis, claonaim, leagaim (le), géillim do. Luigheabhair go luath airéir, ní fuláir, ní raibh aon tsolas agaibh ar a deich a chlog: do chuadhabhair i dtreó suain. Luigh leis an uan a’s éirigh leis an éan: go luath a chodladh, go moch id shuidhe. Luigh cos ar a bhfeacaís, congaibh ’n-a rún é: bíodh béal iadhta agat ’n-a thaobh. Luigheas ar mo ghearán, lé neach a mhaireas níor thagras é: bhrughas orm féin é. Luigh sé a chos orm nuair labhras i gcómhartha mo bhéil do choimeád dúnta: bhrúigh sé anuas ar mo chois í. Níor luigh súil peacaigh, ’sis mór an focal é, ar lá dob aoibhne ’ná é: níor amharc. Ná luigh do shúil orm-sa: ná dún a’s oscail go prap. Dá mbudh gur droch-dhuine é a’s fonn díoghbhála air is iomdha rud ná luighfeadh sé a shúil air mar dhein: nár leig air go bhfeacaidh: nár thóg aon cheann de. Ná luigh ar an gcneadh sin, nó goirteóchair me: brúigh. Féach an rian atá ar mo sháil mar ar luigh an bhróg orm: bhrúigh i gcoinnibh an chroicinn a’s do ghoirtigh. Luigh do mhéar ar an áit go dteastuigheann me do chur na hola so: buail anuas air í. Ar dhuine féin do luigheann a cheasnaidhthe: is é a bhraitheas go híogair. Ní luighfeadh an chearc ar na huibhibh: ní thabharfadh gor dóibh. Do luigh sí ar a leanbh ’n-a codladh a’s mhúch é: shín sí anuas air. Luigh níos fearr ort féin más mian leat aon nidh cóir do dhéanamh: cuir breis duaidh ort féin. Luigh do mhéar ar do chuislinn, féach cad é do thuairm air: brath í. An té a luighfeadh air féin breis i dtúis a shaoghail bheadh gach aon dul aige ar rud do bheith aige i gcóir an lae chruaidh: a mhothalóchadh é féin chun ruda do chur tharais. Luigh leis an dtalamh, táir rófhada chun farraige: druid leis. Luigh linn a’s ith do sháith:

tair ’n-ár gcuibhreann. An té ná luigheann lé healadhain éigin ach a bhíos ag imtheacht ’n-a chloch reatha bíonn thiar i ndeireadh a shaoghail air: ná claoidheann lé gairm áirighthe. An té a luigheas lé bitheamhantaidheacht beirtear uair éigin air: a thugas é féin uirthe. Luigheann an chulaith sin go gleóidhte leat, tá sé an-oireamhnach duit: dlúthuigheann sé lé luigheamh do chuirp. Luighim leis an scéal san, dar liom gur fíor é: aontuighim leis. An luighir choidhche in aon áit?: an raghaidh suaimhneas ort? Luighfead leis an áit seo, taithnigheann sé go hiongtach liom: claoidhfead leis: cuirfead fúm ann. Is mór mar luigh sé a aigne ar an dteangain a’s an ghráin a bhí aige uirthe ar dtúis: shocruigh sé a aigne uirthe: chuir suim chómhnaidhtheach innte. Luighfidh an cogadh so ar na bochtaibh nuair bheidh gannaidhe níos gannchúisighe ’ná táid: goillfidh ortha. Daoine neamhchradhscalacha iad san ná luigheann faic ortha: ná goilleann. Greim ró-thur dob eadh é, a’s luigh sé ar mo chroidhe: ghoirtigh sé me ghá shlogadh. Ní luighfead fútsa ach go háirighthe, cuirfead in iúil duit ná fuil aon tor agam ort: ní chlaoidhfead léd chuid ughdaráis. Luigh fén ualach go n-árduighead ort é: crom síos gur fusa é do chur ort. Gach rud luigheann sé fé, tá sé chómh maol san: bruiceann leis. Go bráth na breithe faid bheidh deóir id shúil, ná luigh orm é: ná féach orm. Luigh isteach annsan, cad é an tamáilteacht atá ort: brúigh (druid) isteach: bí rannpháirteach pé rud atá ar siubhal. Luighfead amach ar fheirmeóireacht: tairngeóchad mar shlighe orm féin í. Dá luigheadh an ghaoth beagán, thabharfaimís fé amach (chun farraige): dá maoluigheadh: dá n-ísligheadh sí. Luighfir amach chun sprionnlaitheachta ar fad, go haon phingin, lón dá dhéanamh agat di: tabhair t’aigne air. Ná luigh orm: ná sín anuas orm: ná goirtigh me: ná bí dian orm. Luigh an ghrian air sa tíorthaibh lasmuigh a’s ní fearrde ó shoin é: bhuail sí é a’s ghoill air. Screamh dhóighte ar an gcíste, do luigh an teine air: ghoill: chuaidh a teas ródhian air. Luigh fé isteach, ná bíodh aon eagla ort: greamuigh laistíos é. Luighidh chuige (chúcha) anois, a fheara, ní fada uaibh an buaidh: deinidh bhur ndícheall go gcoingheallach, gan aon lag ar bhur n-iarracht. Luighis chun feóla go mór, cad ithir?: thuitis i bhfeóil. Luigh do cheann ós hurcharaibh: crom é ar scáth ruda éigin. Luigh ar do ghlúinibh in ainm Dé a’s Mhuire, a’s iarr cabhair ortha: cuir fút ar an dtalamh iad. Luigh anall liom: druid liom. Ná luigh leis an bhfalla san, beidh aol ar do chuid éadaigh ’n-a dhiaidh: ná buail ’n-a choinnibh. Níor luigh súil airéir orm ach ag ionfairt ó thaobh taobh: níor dhún. Áit ná luigheann aon ghaoth puinn air, chreidfinn go mbeadh barraidhe maithe ann: ná buaileann. An dochtúir a bhain chúig phúint díom as aon chuaird amháin, nách dóigh leat ná gur luigh sé orm: ná go raibh sé costasamhail orm. Luighfinn mo mhéar ar fhiche fear chómh maith leis: chuirfinn: bhuailfinn: dheimhneóchainn iad. Ná luigh méar ar aon rud annsan nó is tinn duit: ná teangbhaidh leó. Luigh ar an gcloigín chun an ghiolla do theacht: sáidh isteach an cnaipe. Luighidh i gclúid a chéile annsan go maidean: fanaidh i bhfothain ’si dteólaidheacht a chéile. Má luigheann an bád an iomad, ní dhéanfaidh sí an oiread siubhail: má théigheann ar leath-chliathán: taobh di íseal a’s taobh di árd. B’fhuraist aithint ná beadh sásta go mbeadh aige, is fada an lá ó luigh sé a shúil air: leag air í go suimeamhail. Ná luigh ar an gcluais ná go bhfuil a fhios aice cad tá ar siubhal laistiar di d’aindeóin a luighead do leigeann sí uirthe: ná bí deimhnightheach de go bhfuil sí dall air. Ó luigheann go n-éirigheann grian ní théigheann stad ar a ghéagaibh .i. ó dhubh dubh. Luigh aniar .i. bíodh do luigheamh sa leabaidh idir suidhte agus sínte. Sín dath ná luigheann, tagann dath liath ’n-a dhiaidh ar an éadach go luath: a imthigheas den éadach.

luigín: *f.4.* log bheag, clais sa chloigeann. Buaileadh i luigín an bhathais é: san áit gur rófhuraiste díoghbháil do dhéanamh. Ars an sagart, "buail do mhéar i luigín an bhathais aige go gcaithead an t-uisce coisreac air". Fanann luigínidhe saile nuair bhíonn an t-uisce imthighthe amach: loganna beaga.

luighte: *a.r.* fáiscighthe, tugtha dho, sínte, maoluighthe, socruighthe, ciúnuighthe, claoidhte, claonta. Riamh ní raibh sé luighte lé hobair, a rádh go ndéanfadh sé aonnidh cóir anois: claoidhte léi: fonnmhar chun a déanta. Ní fheadar cén fáth é, ní rabhas riamh luighte leis an áit, budh mhór liom oiread a's aon lá amháin do chaitheamh ann: ceanamhail air. Ó, táim luighte leó súd lé fada riamh, 'n-a n-adhmannas lé deich mbliadhanaibh: ceangailte leó. Ar feadh an lae do bhíomair luighte lé chéile gan scaramhaint: i gcuideachtain a chéile. Ná luathuigh in ao'chor an tseisreach beid sin luighte lé chéile sara fada: ag claoidhe breis chun oibre lé chéile. Is mó an chúis ghearáin atá agam-sa 'ná ag aonne go ngoilleann sé air mar is orm is mó go bhfuil sé luighte – is me is mó a chaill airgead leis: is dom is dochraide é. Dá fheabhas atá an saoghal id choinnibh, bail ó Dhia ort, níl sé luighte fós ort, dréir do dheallraimh .i. níl rian ná goilleamhaint fágtha aige ort. Deirim leat anois go bhfuil an lá luighte go maith orm .i. dheineas mórchuid oibre, táim chun deiridh i bpóca aige, nó ní fearrde me é. Dá mbeadh luighte ar bharra teangan ar an nduine béal-scaoilteach san dhéanfadh sé maitheas .i. é do chur 'n-a thost. Tá luighte ar órdóig orm gen bpartán! .i. í fáiscighthe i ladhair a chrúibe aige. Ní túisce bheadh teipighthe air siúd ar ghnóth nó ar chúram 'ná bheadh luighte (amach) aige ar ealadhain bheatha éigin eile: a aigne tugtha aige uirthe. Tamall thaithnigh do chuid argóna liom ach anois, go bhfuilir luighte amach ar éitheach, cúl mo láimhe leat: do thriall air: ag brath air chun an lae do bheith agat. An dóigh leat gur cóir ná ceart bheith luighte orm-sa i gcómhnaidhe?: nách iomdha duine go bhféadfá ádh nó ealadha d'fhagháil air a's gan bheith sáidhte chugham-sa do shíor: dian orm: t'aigne orm chun ruda do bheith dem bharr agat. An aimsir luighte chun fuachta anois, an tSamhain agat: curtha chuige i gceart. Tugann sé an lá ag paidreóireacht anois, is mór mar tá sé luighte chun creidimh: a aigne a's a smaointe dírighthe air. An ndéarfá go bhfuil an ghaoth luighte chun na farraige .i. dulta chun séidte as an dtreó san. Na caoire luighte chun cnuic .i. talamh íseal tréigthe aca a's tosach tugtha aca don árdán. Leig do féin anois, tá sé luighte chun feirge: cuthach gur deacair a mhaolughadh tagtha air. Riamh ní bhfuair Sasana luighte fúithe sinn, pé géilleadh deintí dhi .i. sásta lé n-a ceannas. Ní fada ná go mbeadh an capall luighte fén dtrucaill: claoidhte lé n-a tarrac. Gach aonne againn luighte fé aige, ná leigfeadh eagla dhúinn ár mbéal d'oscailt .i. curtha fé n-a réim. Luighte ar fad in urchóid gur beag dul ar fheabhas do theacht ortha .i. go doimhin innte. Is fada luighte (ar a leabaidh) é: breóidhte: éiglidhe. Ní bhím luighte aon oidhche roim a deich a chlog: dulta 'on leabaidh. Mo shúil luighte fiche uair agam air, ach ní thógann aon cheann díom .i. caochta agam air: na duilleóga dlúthuighthe a's scartha go prap. Tá an mhuc breóidhte, tá an ghrian luighte uirthe: goillte uirthe. Táir luighte ort féin rómhór, sin é atá ag teacht leat .i. an iomad oibre déanta agat dod neart.

lúircín: *f.4.* duine beag gan luadar; cnochaire; duine gan lúth. Cá bhfuil an scrothaidheacht, an líomhthacht, an mhire, an lúircín? .i. gan aon phioc anamamhlachta. Sin é, cuir chuige ar nós an lúircín, chuirfeá na clocha glasa ag gáiridhe .i. go

haimlidhthe. Níl cnámh im chorp ná go bhfuil stanncuighthe, fliuchadh me, táim im lúircín: gan lúth cheart mo ghéag.

luiseag: *b.2.* an chuid d'úirlis a théigheas ceangailte sa chois; an chuid den ndubhán go ngreamuightear an daradha air (go seirbheáltar); cos friochtáin etc. Táim chómh lom lé luisig anois .i. gan aon fheóil ar na cnámhaibh agam. Smior ní fhágfainn id luiseag: dhéánfainn pé rud budh mhaith liom do dhéanamh leat. Cá mbeadh an neart? Féach ar a luiseagaibh!: cosa caola, laga.

luisne: *f.4.* lasadh nó deirgeacht sa ghruadh de chionn náire, cúthaileachta nó mearuighthe; bladhm; bloscadh. Cuma an-bhreóidhte air ar an luisne atá 'n-a cheannaghthaibh, an fhuil go léir éirighthe suas ann: dath doimhin dearg ar an gcneas. Och, ní gábhadh dhuit do bheith chómh támáilte, maran lé banamhlacht do thagann luisne ionat .i. go n-éirigheann an fhuil suas san aghaidh lé mothálтacht. Chuaidh an braon dighe sin go maith dhuit ar an luisne atá ionat 'n-a dhiaidh .i. lasadh a's teas fola corruighthe go hobann. D'éireóchadh sé chughat ar nós an luisne níl aon rothag ann: léimfeadh mar dhéanfadh bladhm na teineadh. Ní bhainfidh sé aon luisne as rud do ghoid, ná bíodh eagla ort .i. aon ruaine náire ní chuirfidh air ar bhreith féin air.

luisneamhail: *a.* lasta, deargtha, bladhmtha. T'aghaidh luisneamhail gen méid dighe atá caithte agat: an fhuil árduighthe innte. Aonne chómh luisneamhail leis ní fhéadfadh bheith sláinteamhail, ná fuil sé 'n-a aon chaor amháin: go bhfuil lasadh árd mar é 'n-a cheannaghthaibh. Ní gábhadh dhuit bheith chómh luisneamhail in ao'chor, budh dhóigh lé duine ort ná rabhais i gcuideachtain riamh cheana: chómh tamáilte, náireach. Chuiris tú féin thar do riocht, táir an-luisneamhail: lasta, croidhearg. An ghrian luisneamhail ag dul fé: dath croidhearg ar íoghair na spéire.

lúith-chrith: *b.3.* baille-chrith; corruighe mear, tapaidh, aindeónach. Sé lá i mbád béal-oscailte dhóibh, fliuch, fuar, bhíodar ar lúith-chrith nuair saoradh iad: creathán 'n-a mballaibh ón sín. Bhain torann an phléasclaigh crothadh as na tighthibh sa chómharsanacht ná raibh ball troscáin ionta ná falla ná raibh ar lúith-chrith: ar preabarnaigh lé mór-shuathadh. Nár theanntuighthe do bhíos a's gan aon chao éaluighthe agam, dar liom, go rabhas ar lúith-chrith le heagla, na cosa ag lúbarnaigh fúm, giascán gem fhiaclaibh, mo ghéaga siar síos liom: creathán i ngach ball dem chorp.

lúithe: *b.4.* éascaidheacht, líomhthacht géag a's ball; brigh, beódhamhlacht. Cnagann furmhór na dtuigidhe, mar táid róchríon a's níl an lúithe ionta: ní fhuilngid a lúbadh. Deineann a ghéaga a chasadh a's a lúbadh mar is toil leis lé n-a lúithe: a n-éascaidheacht chun géillte do theannadh nó fáscadh. Bhuailfeá bior an chloidhim ar an luisig gan a bhriseadh lé n-a lúithe: a sho-lúbthacht. An oiread lúithe 'n-a chosaibh go dtiocfadh suas lé girrfhiadh dhuit: siubhal a's fuinneamh. Ag obair ar an lúithe chéadna indiu agus bí fiche bliadhain ó shoin: an neart 'san bhrigh chéadna 'n-a iarracht.

lúitheach: *a.* láidir; bríoghmhar, fuinneamhail, éascaidh. Áis mo chos a's mo ghéag agam, chómh lúitheach díreach a's bhíos riamh: fuinneamhail: gan aon stalca tagtha ionta. Na géaga lúitheacha atá aige is geall lé séirsín chaol na féithleóga atá ionta: matáin

móra, reamhra ionta. Is lúithighe chun reatha ’ná chun léamtha an capall san: anamamhla: fuinneamhla.

lúitéis: *b.2.* lútáil, líobadh, líopáil. Dá ndéanfadh lúitéis aon rud do chur ar a phláta, ní bheadh sé chun deiridh, maidir lé tu do mholadh os do chómhair a’s bheith ag dul isteach id bhéal: lútáil: bladar a’s úirísleacht lé súil tairbhe. Lúitéis an chait i ndiaidh bainne air liom d’iarraidh ruda d’fhagháil: cuimilt a’s tláithínteacht. Ag lúitéis ar gach neach i gceannas go mbeadh léidhe aca leis: ag déanamh mór leó a’s ghá úirísliughadh féin dóibh.

lúitéiseach: *a.* líopálach, lútálach, tláithínteach, úiríseal, buannamhail, gan béas go deiliúsach. Áit ar bith go mbuailfeadh leat, an lapa amuigh aige, “mo ghrádh a’s mo bhuidhean thu” aige, lúitéiseach ar nós an mhadra: ag cuimilt a theanga ’sa bhaise dhe dhuine ag súil lé rud dá bharr. Budh chóra go mór dhuit gan bheith chómh lúitéiseach ag sáthadh do chinn ameasc cuideachtan nár theastuighir: buannamhail: deiliúsach ag cur isteach ar chách. Lúitéiseach tímcheall óil: ag lorg ’sag faire cuideachtan chun bheith ag tnúth na dighe ortha.

lúitéisidhe: *f.4.* lútálaidhe, duine míonáireach; tnúthán. Sé m’aitheantas-sa air gur lúitéisidhe gan mheas air féin é, ag faire féachaint cá bhfaghadh sé rud le hiarraidh nó bog lé fagháil: duine go mbíonn an náire brúighte fé n-a chosaibh aige. Ná bí id lúitéisidhe ach má tá rud uait loirg é nó dein dhá cheal .i. ná bí ar nós an mhadra ag cuimilt ’sag léabadh. I gcúig tighthe chonnac é ag brughadh a chuideachtan ar dhaoinibh, an lúitéisidhe: gan allus gan náire ná béasa.

lúndrach: *f.1.* cuibhreach, ceangal, alt. Ná tuig go bhfuil sé chómh scáinteach ’sis dóigh lé daoinibh, ambasa ná fuil sé chómh furaiste sin do bhaint dá lúndrachaibh in ao’chor, duine stóinse é: a chur dá threóir: é do chur bunoscionn. Stracadh lúndracha an chroidhe aige lé droch-úsáid a’s droichdhéanamh: snáithínidhe. Ná bíodh go dtiocfaidh aonnidh air a dhéanfaidh a dhochar, tá na lúndracha róshláinteamhail aige: féithleóga an chuirp.

lúsáil: *b.3.* corruighe, buige. Cuir spalla fén gcloich sin, tá sí ar lúsáil: is féidir í do chorruighe go furaiste: ar bogadh. An iomad lúsála gen gcois sa tuaigh, cuirtear díng léi .i. tá sí ar bogadh.

lúth: *b.3.* corruighe, mór-luadar, fuinneamh, siubhal, gluaiseacht, brigh, cómhacht, cumas. Dá mbeadh lúth mo ghéag agam ach go bhfuilim go tréith ar leabaidh do raghainn ar t’éileamh lé linn do ghanntair: dá mb’fhéidir liom corruighe nó siubhal. Is gearánach a bhíos duine go mbíonn lúth a ghéag aige, féach ar an aindeiseóir sin go bhfuil na cosa de: áis. Is mó an lúth atá i ngirrfhiadh ’ná i gcoinín: is mire is féidir leis rith. Cuir lúth ionat féin, táir rómhall ar fad orm: breis mhire: oibrigh nó gluais níos tapamhla. Aon rud atá aige, bíodh a bhuidheachas air féin aige, lé lúth a ghéag a fuair sé é: neart fuinneamh a’s déanamh. Seadh, dá fhaid é an lá sé dán na hoidhche teacht, tá an fear bocht gan lúth sa deireadh: marbh. Ghluaiseamair as lúth gach fear dá fhéachaint lé chéile cé bheadh chun tosaigh: go praitineamhail, fuinneamhail. Is mór an lúth é don bhfear a léim claidhe sé troighthe ar aoirde: éascaidheacht cuirp a’s cnámh. An lúth níor mhaith liom do bhaint

d'aonne ach tá súd róshiubhalach .i. níor mhisde daoine dá mbeadh bainte dá thurasadóireacht. Ar fheabhas na cruinne tá sé, gach léim ar lúth aige: fuinneamh a's ceól gluaiste ann. Ní raghad ar neart leat ach raghad ar lúth leat: i mbabhta reatha. As do lúth do bhainfir é más maith leat breith ar an bpost .i. d'fhonn bheith in am caithfir siubhal do dhéanamh. D'imthigh an lúth as a ghéagaibh ná féadfadh sé a thuilleadh do rámhaidheacht: an neart chun áise do bhaint asta.

lúth: *b.3.* (*iol.* –acha) liog; mion-fhéithleóg go ritheann mothála tríthe chun na hincheann agus ríoganna uaithe ar fuaid an chuirp. Mo lúthacha ar baille-chrith ó bheith ag ólachán. A lúthacha caillte air: is beag an rud a chuireas scáinteacht air.

lútáil: *b.3.* líopáil, léabáil, tláithínteacht, gíotáil, gliúmáil. An madra ag lútáil im thímcheall: ghá chuimilt féin díom a's ghom léabadh. An bhfeacthas riamh aon fhear lútála i gcuideachtain mar é, is maith atá sé ábalta ar a chnaipe do chur chun sprice: ag imtheacht tímcheall 'sag tláithínteacht d'iarraidh cuid de n-a mbeadh ar siubhal do bheith aige. Bíonn gach aonne ag lútáil ar an té go mbíonn rud aige: in a thímcheall, ag déanamh mór leis: ag snámhcáil ag súil lé rud. Sí an obair gan slacht í, níl innte ach lútáil: gíotáil: obair ná fuil dhá dhéanamh lé cruinneas ná eólas. Mara ndéanfadh sé lútáil ar leithrigh tímcheall an tighe, tá ré a chuid oibre thart: mionrudaidhe gan tábhacht a's gan deabhadh leó. An lá ar fad caithte ag lútáil sa tigh agam, a's gan faic is fiú déanta agam: giúrnáil. Ná stad in ao'chor ar eagla roimis an saoiste, bí ag lútáil lé rud éigin gur dhóigh leis go mbeifeá ar do dhícheall: giúrnáil: ag méaráil a's ag corruighe. Bí ag lútáil id phócaidhibh, b'fhéidir go bhfuil pingin bhradach i bhfolach in áit éigin: ag útamáil: ag cuardach. Tugaim fé ndeara ag lútáil ar a chéile airís iad dá mhéid a's dá fhaid bhíodar amuigh lé chéile: ag tláithínteacht, ag déanamh boghaisínidhe ar bheith báidheamhail.

lúthairt: (**lathairt**) *b.2.* biadh ná beadh puinn suiméir ar fad ann nó ná beadh bruithte ar fheabhas ach a bheith flúirseach. Áit seadh é ná fágfí aon easbhaidh bídh ort ar ghabháil ann bíonn lúthairt (lathairt) éigin i gcómhnaidhe: méiseáil bhídh.

lútálaidhe: *f.4.* giúrnálaidhe, gliúmálaidhe, útamálaidhe, gíotálaidhe, liopálaidhe. Lútálaidhe mar é ag siubhal an bhóthair, cor sall a's cor anall ann, ní bheadh aistear déanta go ceann mí aige: duine a chuireas roimis rud do dhéanamh go neamhchórach. Más fear oibre atá uait, séan an lútálaidhe sin, mar ná beadh rud déanta choidhche aige: útamálaidhe: oibridhe gan slacht, gan eólas. A neamhghastacht agus a neamhchríochnamhlacht atá áruistidhe an tighe fágtha ag an lútálaidhe cailín aimsire sin: cailín ná cuireann roimpe a gnóth do dhéanamh i gcóir ná i gceart. Cathain bheidh an leitir scríobhtha agat, a lútálaidhe?: scríobhnóir mall, neamhphraitineamhail. Níl aon áit dár ngaibheas ó mhaidean ná gur lean an lútálaidhe sin me agus ná go raibh a mhéar aige i ngach rud a bhí ar siubhal agam: gliúmálaidhe: duine a bheadh ag teacht idir thu agus do ghnóth. Tógaidh bhur lámha den mbiadh, a lútálaidhthe, a's bíodh fios bhur mbéas agaibh: daoine a bhíos ag lapadáil leis an mbiadh. Caith uainn anois do chuine cáinte, lútálaidhe maith oibre seadh é: oibridhe a dheineas a dhícheall ar shaothar do dhéanamh. A raibh sa chrúsca doirtighthe agat, a lútálaidhe: duine neamhchruinn. Nách tú an lútálaidhe go bhfaghfá tobac: duine ná féadfá do chur as do chroiceann. Lútálaidhthe

tighearnaidhe talmhan dob eadh ar bhain leat, ag dul isteach n-a mbéal 'sag umhalughadh dhóibh: snámhcánaidhthe.

lútálaim: *b. n-a.* gíotálaim, líopálaim, umhaluighim go húiríseal, suarach. Lútálais riamh ar aonne gur dhóigh leat go mbeadh faic dá bharr agat, rud ná déanfadh fear meastamhail air féin: bheifeá ag cuimilt bhaise a's theangan de. Táir go neamhspleádhach anois nuair ná fuil gábhadh agat lé bheith ag lorg agat ach má lútálair choidhche airís orm-sa gheóbhair barra na bróige: má bhír ag dul isteach im bhéal d'iarraidh ruda d'fhagháil. Tá amhras agam ort gur tu thóg mo chuid airgid mar lútálais ar gach póca liom: d'útamálais 'n-a dtímcheall. Féach tu chómh salach mar ar lútáil an madra ort: mar ar chuimil sé a lapaidhe dhíot. Lútálfá ar an ndiabhal féin dá mbeadh faic dá bharr agat: d'umhalófá dho: bheadh do bhairéad id dhorn agat do.

lúthgháir: *b.2.* mór-áthas, aoibhneas croidhe, aiteas, sóghchas, bród. Cuireann sé lúthgháir ar mo chroidhe istigh bualadh umat: taithneamh gan cuimse. An rud suarach atá déanta anois agat ní haon lúthgháir duit é, is iomdha duine go mbeadh náire na haghtha air 'n-a thaobh: ní adhbhar é gáirdeachas nó aoibhneas croidhe do bheith ort. Lúthgháir ortha sa tigh seo amuigh clann óg do bheith ann: áthas a gcroidhe. "An dream a chuireas síol i ndeóraibh bainfid i lúthgháir" (Sailm CXXVI. 5): tairbhe chúiteamhach a's aoibhneas. Cad chuige an scartghail? cá bhfuil adhbhar na lúthgháire?: gáiridhe geala, cad é an t-aoibhneas is bun leo? Níor fágadh aon fhuacht air maidir leis an bhfírinne do chur 'n-a luighe air, imtheóchaidh smut den lúthgháir de: an sóghchas san mór-shásamh croidhe a bhí air de dhruim ruda éigin. "De chionn nách ndeárna tú fóghnamh dod Thighearna Dia le gáirdeachas a's lé lúthgháir chroidhe ar son iomadamhlacht an uile nidh" (Deut. XXVIII. 57): aoibhneas a's sár-shásamh croidhe. Deinimís lúthgháir le chéile ar an ócáid mhóir, iongtaigh seo: bímís lán-mheidhreach lán-áthasach. Ag ullamhughadh chun lúthgháire do dhéanamh roim an laoch anocht: teasbántas a fhoillseóchas áthas croidhe a's sásamh aigne. Mo chroidhe lán de mhaoithneachas duit, is agat atá an scéal gan lúthgháir: brónach .i. ná tógfadh chun gáire ná subháilcis. Le corp lúthgháire rúideadar a hataidhe san aer, a's leigeadar faoidh mhaoidhte: corruighe mór 'n-a gcroidhe lé háthas. Lasadh teine chnámh do lé lúthgháir do nuair toghadh é: mar chómhartha an áthais do chuir sé ar dhaoinibh. Doicheall rómhat-sa, budh lúthgháir liom comaoin a's maitheas do dhéanamh duit aon tráth: bheadh eiteallach croidhe orm.

lúthgháireach: *a.* áthastamhail, subháilceach, sultmhar, móiréiseach. Sé an baile a bhí go lúthgháireach nuair thug an taoiseach cuaird air, na céadta fés na sráideannaibh ag amhrán 'sag damhas, na tighthe go soillseach: sult, subháilceas a's meidhir i gcroidhe gach aonne. Táthaoi an-lúthgháireach, gáiridhe oraibh go léir, cad é an deaghscéala?: foillse áthais a's sástachta an chroidhe i ngnúis gach aonne. Árd-lúthgháireach as a bhfuil d'iasc tréis an lae aige a's a luighead atá 'ge n-a thuilleadh: móiréiseach, áthastamhail. "...do chuadar dá lóistínidhibh go súgach a's go lúthgháireach i gcroidhe ar son gach uile mhaitheasa dá ndeárna an Tighearna ar son Dháibhí etc." (I. Righthe VIII. 66): aoibhneas croidhe. "Agus beidh m'anam-sa lúthgháireach ins an Tighearna; do dhéanfaidh sé gáirdeachas ina shlánughadh" (Sailm XXXV. 9): lán d'aoibhneas áthasach. Bail oraibh, is taithneamh liom sibh mar chuideachta óil, is sibh atá go lúthgháireach: lán de sheódh a's de shult. Ní seisean budh lúthgháirighe a fuair í ach ise a fuair é: is mó go raibh

taithneamh ar a chroidhe. Táid an-lúthgháireach as a mac toisc a chlisteacht agus tá sé: bród a's móiréis ortha ar. "Bí lúthgháireach i ló do shonais, ach meas i ló do dhonais; do chuir Dia féin so 'n-a aghaidh siúd, ar chor ná fuigheadh duine aonnidh 'n-a dhiaidh" (Ecc. VII. 14): bíodh áthas id chroidhe 'n-a thaobh.

lúthgháirim: *b. n-a.* lonnuighim, gáirdighim, soilbhrighim. Lúthgháirfeadh sé féd dhonas: dhéanfaidís teasbántas gur chuir sé áthas ortha. "Lúthgháirigh chun Dé ár neart; deinidh fuaim meanmnach chun Dé Iacóib" (Sailm LXXXI. 1): canaidh lé gáirdeachas croidhe. Lúthgháireadar uile gur bhuadhas – bhí gach aon léim a's béic lé mórtas asam aca: lonnuigheadar 'n-a gcroidhe: an tsástacht a bhí ortha d'fhoillsigheadar ar an gcuma mheidhreach san é.

lúthmhaire: *b.4.* líomhthacht ghluaiste, mire, bríoghmhaireacht, aicillidheacht, éascaidheacht corruighthe. An seanduine úd ar an gcéachda i gcomórtas na treabhadóireacht, níl sé de chuma air gur thréig an lúthmhaire fós é: bríoghmhaireacht: an fheidhm riachtanach chúiche. Neart an domhain gan puinn lúthmhaire, dhéanfadh sé aon rud ach é do bheith an-mhall chuige: gan puinn tapamhlachta. Lúthmhaire éigin 'n-a ghéagaibh gurbh árd-imirtheóir liathróide é: aicillidheacht a's líomhthacht chun áise do bhaint asta ar an thap. Léimfeadh ar nós an ghirrfhiaidh lé n-a lúthmhaire: feidhm chun gluaiste go lán-thapaidh. Is mór go léir an lúthmhaire atá déanta agaibh a's an méid branair atá 'nbhur ndiaidh: gníomh tapaidh, coingheallach. Níl aon lúthmhaire im chnámhaibh, ní fheadar an fuacht atá fachta agam: éascaidheacht: níl siad chómh líomhtha ná chómh héascaidh nuair chorruighim iad. Chuir sé dhe lé lúthmhaire na heilite: chómh mear lé heilit.

lúthmhar: *a.* mear, éascaidh, líomhta, tapaidh, prap, bríoghmhar, aicillidhe. Cailín lúthmhar as a géagaibh .i. gur féidir léi obair thapaidh do dhéanamh nó gluaiseacht ar a chosaibh go haicillidhe, éascaidh. Laitfeadh an capall neamh-lúthmhar san an lá ar an mbóthar ort: gan aon tapa. Is é a chuir de go lúthmhar ag triall ar a tháille, go moch ar maidin indiu, budh dheas liom an fear óg a choimeádfadh an chos aige: mear, tapaidh: go cos-luath, troigh-éascaidh. Ní fuláir nó tá neart ann a's na cosa lúthmhara atá fé: féithleógach. Tréis na tionóisce, tháinig sé chuige féin go maith, go bhfuil chómh lúthmhar a's bhí riamh: gníomhach: ábalta ar ghabháil dá ghnóth a's uile.

lúthóg: *b.2.* teine bheag (lasmuigh); gríosach a's luath. Lúthóg phrátaidhe: bruithte fé spréidh. D'ullamhuigheamair ár gcuid i lúthóig cois claidhe: teine fén spéir. Cuir an partán ag beirbhiughadh fé lúthóig .i. spréidheanna a's luath do bhailiughadh 'n-a tímcheall i gcúil na teineadh.

lutharnach: *b.3.* mórán lus ag fás i bhfochair a chéile. I mbun an ghuirt mar a stadadh an t-uisce ní raibh ann ach lutharnach: fásradh gan mhaith. Ag baint lutharnaighe le cur ar stáca .i. mar dhíon.

lutharagán: *f.1.* siabhra beag go ndeirtí go mbíodh sparán óir aige; abhach, duine beag, truaillighthe. Gaiscidheach 'e bhreis ort seadh é, a lutharagáin .i. rud gan toirt. Níl ionaibh ach scata lutharagán 'e bhreis bhur sinnsear: miondaoine: iarmharáin. Níl oiread

lutharagáin anois leis an aois .i. níor fhan aon toirt ann. In a lutharagán cois na teineadh, gan corruighe amach: gan oiread an fhrighe ann. Cosa chómh beag leó níl ar aonne, níl ionta ach cosa lutharagáin: cosa beaga mar bheadh ar abhach beag an chlaidhe. Éist! a lutharagáin: a dhuine bhig nár cheart duit do ghlór d'árdughadh.

M

má: *c.n.* “Má théighim féin nó aonne a bhaineas liom déanfar é” – “ná bíodh aon “má” ort ach deintear é”: ná bí ag cur aon agó sa chúrsa. Más lag slán dom bead ann: péaca. Más mín garbh an oidhche nuair bhíonn luach ar an iasc bíd d’iarraidh dul ar a thóir: bíodh sé breágh nó gránda. Gheallas do, má bheinn ann, go labharfainn ar a shon .i. do bhí dul air go mbeinn ann. “Tá an t-airgead caillte agam” – “seadh, má seadh” .i. sa chás san cad dhéanfair? “Níl aon arán sa tigh, seadh, má seadh, níl ach dul ’on tsiopa”: ó tá san mar sin etc. Leag sé den gcéad phléasc me i gclár an éadain, seadh, má seadh, bhíos ar mo bhonnaibh go pras agus eisean sínte agam-sa, bíodh go raibh san mar sin. Tá an lá dulta ’n-ár ngoile, ach má tá féin, tiocfaidh lá eile: d’aindeóin sin. Beidh sé ag teacht anois láithreach agus tá airgead aige, má tá .i. ní bheinn ródheimhnightheach cé gur cheart go mbeadh. Tá ciall a dhóthain aige, má tá, gan cur chun teacht tríd an scríb .i. tuigeann sé an chonntabhairt go maith, ach rud eile, an leanfaidh dá thuigsint? ghlaoidh sé a’s ghlaoidh sé go raibh ciach air, ach má ghlaoidh, níor chualaidh neach é: cé gur ghlaoidh. Bhí sé ráidhte gur droch-chroidhe a chuir chun báis é, má b’fhíor: cuir i gcás: agus an chainnt do bheith fíor. Más searbh milis liom é, caithfead a itheadh, níl a mhalairt agam: is cuma mar thaithnigheann sé liom. Má táim beó sin é an té atá uainn: chómh deimhnightheach agus táim beó. “Buaileadh me gan chúis, agus beidh díoghaltas agam” – “má buailfeadh féin, caith ciall leis”: a lamháilt gur deineadh etc. Fágadh biadh ar an mbórd id chóir i dtreó má thiocfá: ar mhachtnamh tú do theacht. Má fhilir sara bhfillead-sa fan annso liom: ar choingheall go etc. Má gheibheann sé comhthrom éireóchaidh leis: acht é dá fhagháil. Déanfad é má mharbhuigheann sé me: agus me do mharbhadh dá dhruim. Níl a fhios agam má tá sé annso, fan, fiafróchad: bheadh sé ann i ngan fhios dom. Má mhairim beó, sin é an leabhar a chuaidh amugha orm fadó: is é mo mhór-thuairm é.

mac: *f.1.* gein fhireann lé hathair nó máthair áirighthe; duine cosamhail lé n-athair i gcorp, inntin nó tréithe. An Mac, an dara pearsa den dTrionóid Ró-naomhtha, geinealach, garsún, leanbh, duine tugtha (dho) nó a bheith de mhianach áirighthe ann. Dá mb’é mac an diabhail féin é, mhuis, ní bhfaghaidh sé an lámh uachtair orm-sa .i. dá mbeadh a bhfuil d’olcas nó de chlisteacht sa domhan geinte ann. Nuair bítear ag tagairt do thuathalacht dhuine a’s gur dual do í, deirtear, “mac don asal an mhiúil” .i. cad eile go mbeadh súil agat leis. A Mhic Dé na n-uile chómhacht bíodh ciall agat, a dhuine, .i. ag agairt ar Dia. A aon-mhic, féach go truaighmhéileach orainn atá ag lorg ort: a Chríost. Mac Dé go bhféachaidh orainn is uathbhásach an marbhadh do fuair sé. Dein rud orm agus cuir uait na bóithre aite, tá an mac mallachtain ag cur fút .i. an diabhal ghod ghiobadh chun do dhíoghbhála. Féach cad tá déanta anois aige – an tigh trí chéile aige – an mac mallachtain: fear cros: duine ná fuil aon teacht anuas air lé bheith ag déanamh toirmisc. Tá an mac mallachtain ag leanamhaint an ólacháin: an diabhal ’sa ghleódhthálacha. Mac seóidh seadh thu, an bhfuilir i ndáiríribh go n-iarrfá an bhean shaidhbhir sin lé pósadh?: fear grinn. Mac seóidh seadh é, ní fheaca riamh é ach ag déanamh grinn a’s suilt: fear subháilcis. Daoine a’s an iomad aca a’s daoine gan luid aca, is ait an mac an saoghal: is deacair a thuigsint: ní hé an cor céadna do thugann sé dos gach aonne. An mac mallachtain féin ní chognóchadh an t-arán so, nách cruaidh an mac é: an earra. “Cad dhéaunfadh mac an chait ach luch do mharbhadh”: piscín .i. ag dul lé n-a dhúthchas atá

sé. Mac a shamhail(t) níor thárla liom abhfus ná thall: aon rud cosamhail leis. Tráth dem shaoghal do bhí mac a samhailt sin de phíp agam: ceann cosamhail léi. An mór an locht uirthe mac gréine do bheith aice?: toghartha. Is mac dá athair é ar gach aon chuma go maidean: 'n-a dheallramh a's 'n-a ghníomharthaibh: mar é ar gach cuma. Mac máthar go raibh aithne agam air ní raibh ann: neach in ao'chor. B'é mac an donais riamh é, in aghaidh an lae bheadh rud éigin ag tárlachtaint do: duine go raibh an mío-ádh 'n-a dhiaidh. Pé áit go ngeóbhadh sé b'é mac an toirmisc é, chuirfeadh sé mainistir tré chéile: duine go raibh clampar a's imreas dhá thaidhbhreamh do. Mac imrisc na súl: lár an mhogaill a ghlacas gathaidhe an tsolais. Tá mac óg ó airéir aca: leanbh mic. Triúr clann mhac a bhí aca: triúr fireannach. Dá mbeadh mac Uí Rudaidhe annso anois osclófí a shúile dho: an té seo d'áirighthe: duine ná cuirfeam ainm air. Ní mac dlistinneach di é ach mac uchta: a ghlac sí go toilteanach a's a thug an déanamh céadna dho do thabharfadh dá mac féin. Ní fearrde aonne a bhíos i gcuideachtain mic na míochómhairle sin .i. duine atá imthighthe ar a aimhleas do féin. "Is ait an mac thu agus bheith ghod mharbhadh féin lé hobair" – "is aite 'ná san de mhac tusa ná tugann aire dod chúram féin" .i. an duine...de dhuine etc. "Is maith an fear ar eolas é" – "mac maith ar gach aonnidh seadh é": fear maith. An dá mhac Uilliam comhthrom di .i. Muinntir mhic Uilliam a's Búrcaigh na Gaillimhe: tá sé ag dul den saoghal mór. Mac alla: aithris fuama ar a fhilleadh ag faill nó cnoc. Bainfead-sa mac alla as do chorp-sa: buailfead chómh trom san thu go gcloisfear a fhuaim. Mo mhairg, 'sis olc an oidhche í, tá mac alla ag an bhfarraige: a fuaim (béic) láidir dhiamhair lé clos i bhfad nuair bhriseann sí nó nuair phléascann sí i gcoinnibh aonnidh. Beir fada air, a mhic, bí foidhneach, is é is tairbhighe .i. duine go mbeadh cion agat air. D'éirigh cuthach air chugham, a mhic ó mo chroidhe: a dhuine chóir. "Agus ar bhfreagra do Shiomón Peadar is é adubhairt sé, is tusa Mac Dé Bhí" (Matha XVI. 16). "Ag rádh, créad do chídhtear díbh-se i dtímcheall Chríost? Cé dar mac é? a deirid sin leis. Mac Dáibhí" (Matha XXII. 42): a shliocht. "Agus d'fhás an leanbh agus thug sí d'inghin Pháró é agus bhí n-a mhac aice etc." (Ecs. II. 10): thug sí déanamh leinbh dlistinnigh do. B'ait leis é nuair chuala sé gleódh daoine sa ghleann a's ar dhul ann do ná raibh neach mhic an luain ann: aon duine in ao'chor. Dá mhéid é a mheas fir aige air féin mise an mac do ná beadh i bhfad ag tógaint a chrúibínidhe os a chionn .i. fear a dhiongmhála. Níl eagla ar an mac so roim aonne (maoidheamh): agam-sa atá ag cainnt. Mac iarla nó inghean striapaighe .i. duine aca chómh holc leis an nduine eile. Sé do mhac do mhac indiu, ach is í t'inghean t'inghean go deó .i. is leanamhnaighe inghean ná mac. Sé mac gach aonne tímcheall annso é .i. tá cion ag gach duine air. Mac dílis d'Éirinn dob eadh an Piarsach: fíor-Éireannach. Admhuighim go bhfuil sé cor leis an gcuid eile den gclainn ach nár airighis riamh nách ionann méin do gach mac .i. nách mar a chéile inntin aon bheirte. A Mhic Mhuire na ngrást .i. Íosa Críost. Is minic gur b'é mac an tsaoir adhbhar an tuata .i. ná beireann an cheárd leis. Trí bliadhna 'n-a mhac eagailse anois do: adhbhar sagairt.

macha: *f.4.* áit chun eadála do choimeád, tuar, buaile. Macha na Bó: cumar i gCorca Dhuibhne. A's a macha breágh bó lé crúdhadh aice: scata loilgheach. Chaoluigh sé leis chómh héadtrom lé cat i macha comharsan .i. aireach, aicillidhe ag déanamh foghla. Níor fhág an tighearna talmhan crúb 'n-a mhacha aige: an oiread a's aon bhó amháin níor fhág gan tógáil.

máchail: *b.2. ₇ 3.* gortughadh, éislinn, dochar, cimiar, rian, locht, teimheal, smál, easnamh, ainimh, anchruth, gearán, goilleamhaint. "Cad í an mháchail atá anois ort? ní fheaca riamh thu gan buineach nó buinn leac éigin ort" – "tá seacht máchailidhe an tsléibhe orm": an iomad a's gach saghas gearáin. Buideach 'o Dhia, níl aon mháchail fén spéir orm: aon rud a chuirfeadh as dom. Fágfaidh an cogadh so máchail ar na daoinibh: cimiar: beid go bocht, anacrach 'n-a dhiaidh. Máchail ghránda ar dhuine seadh séanas: athchruth: smál a bhaineas go mór de dheallramh an duine. Féach an truaghán san ar leathchois, gach aonne 'sa mháchail féin air: iomard: gortughadh: rud éigin a dheineas a dhíoghbháil. Ní bheadh aon mháchail ar an bhfeóil sin go ceann seachtmhaine san aimsir sheaca so: iontráil: rian dreódhachtainte. Blas cabhruighthe ar an ím, an-dhroch-mháchail chun a dhíolta: locht an-mhór. Thuit an scáthán as mo láimh ar an úrlár, nár mhór an iongadh é do bheith gan mháchail 'n-a dhiaidh: gan dochar: gan briseadh ná cnag. Níl aon mháchail ar an líon anois, tá sé oireamhnach chun iascaigh: slán. D'fhág fliuchán a's cruadh-obair máchail lé n-a shaoghal air, é do bheith lán d'aicíd 'n-a dhiaidh: cimiar: rian díoghbhálach. Ní fhéadfá-sa an t-arán so d'itheadh? ní bhfaghaim-se aon mháchail air: aon rud bun os cionn. Uaireannta bíonn sé dorcha, coimhtheach, tá máchail éigin incheann air: corruighe: rud éigin mícheart. Ceann des na na máchailidhibh is measa a bhí ar dhuine riamh air, máchail óil: an locht do bheith róthugtha dho. Níl aon chol againn leat, mara ndéanfair maitheas ní dhéanfair máchail .i. ní bheimíd faic caillte leat. Mara stadair cuirfead máchail ort: goirteóchad tu. Chuir sé máchail uirthe: chuir sé ó chrích í, chionntuigh sé í. Dia go gcuiridh máchailidhe na bliadhna thart .i. gach iomard a bhíos os cionn an duine. Níl de mháchail ar an mbád ach í bheith beagán trom: locht. Chuadhas go dtín ndochtúir lé máchail ná hinnsfinn d'aonne: gearán cuirp. Deineann sé máchail mhór dúinn gan luingeas tráchtála do bheith againn, ach sinn ag brath ar thíorthaibh eile: ciotaighe: dochar. Fear ná fuil máchail do dhuine ná do leanbh ann: macánta: díreach. Ní máchail go daille .i. an dochar is measa do chorp an duine. Cuireadh máchail fara máchail air sa bhualadh: deineadh mórán gortuighthe air. Máchail fara máchail air: donas a's míoádh.

máchaileach: *a.* goirtighthe, goirtightheach, loitighthe, teimhealuighthe, bascuighthe, bascuightheach. Tá mo chliathán deas máchaileach, tá ceithre hasnaidheacha briste ann: goirtighthe. Níl aon obair is máchailighe 'ná bheith ag síor-iomchar ualaighe troma: is mó a fhágas a rian ar dhuine. Clog máchaileach ar chuma éigin é, is minicighe 'n-a stad é 'ná ar siubhal: loitighthe: máille éigin ann caillte. Aon arm a chaill leathchéad míle bráighe in aon tseachtmhain tá sé máchaileach go maith: díoghbháil mhór déanta dhe. D'fhágadar chómh máchaileach san é ó bheith ag gabháil air gur ar chómhlainn do tugadh abhaile é: goirtighthe, bascuighthe. Arm ró-mháchaileach seadh scian chun í do bheith go neamhghuiseach i láimh dhuine rómhinic: conntabharthach ar dhaoinibh do bhascadh. Na maircréil mháchaileacha i ndiaidh na bhfíogach: iad so go raibh greamanna bainte amach asta. Chuaidh sáile sa bheathuisce, dá bhrigh sin bhí sé máchaileach: dochar déanta do.

máchailighim: *b.a.* goirtighim, créachtaim, deinim díoghbháil, dochar, lochtuighim, bascaim. Níor mháchailigh aonne riamh me, buidheach 'e Dhia i gcorp ná i maoin: ní dheárna neach mo dhíoghbháil. An rud is mó a mháchailigheann prátaidhe ná an sioc má bheireann sé ar an ithir ortha: lochtuigheann, bascann. Máchailigheann sé tigh bainne agus bíonn blas cabhruighthe ar an ím dá dheascaibh má bhíonn aoileach nó salachar 'n-a

thímcheall: deineann a dhochar. Máchaileóchaidh an scian ghéar san an leanbh gan eólas mara dtógtar uaidh í: gearrfaidh é féin léi a's goirteóchaidh. Nár mháchailighidh an saoghal thu, dar fiadh, tá obair ghaiscidhigh déanta agat: nár né faic ar bith do dhíth ná do dhochar. Níl áireamh ar an méid uair do buaileadh, do leagadh a's do treascradh é, ach níor mháchailigh san é, b'é an mac céadna tréis gach bearta aca é: níor fhág san cimiar air: níor lean a rian air.

máchailiughadh: *f.* (*-ighthe*) gortughadh, bascadh, do dhéanamh díoghbhála, ciotaighe, dochair; lochtughadh. Is clos dom go rabhais ag cúlchainnt orm a's dom mháchailiughadh, ní galánta an bheart san: ghom mhaslughadh: ag déanamh díoghbhála dom chlú. B'fhollus gur ghá mháchailiughadh féin do bhí sé nuair do labhair sé go neamh-mín leis an mbreitheamh: ag déanamh dochair do féin. Ag máchailiughadh na cneádha ataoi, bheith ghá síor-phriocadh: ghá déanamh níos measa. Máchailiughadh rómhór ar aonne seadh do bheith ar leathchois: cur siar: cimiar mharthanach. Bheith ghom shuathadh mar sin a's me chómh lag, táir ghom mháchailiughadh: bascadh. An d'iarraidh me do mháchailiughadh ataoi bheith ag cainnt liom ar mo chuid oibre?: ag déanamh ciotaighe dhom trí bheith ghom chur amugha. Tá máchailiughadh na gcéadta 'n-a teangain bhuirb: maslughadh: díoghbháil cáile lé suainseán. An oiread san máchailighthe déanta do luingeas tráchtála Shasana go bhfuilid ag screadaigh ar chabhair: briseadh a's brughadh.

machaire: *f.4.* talamh réidh, íseal, fairsing, páirc shúgraidh, cúrsa ráis, páirc chatha. Téighimís ar mhachaire an bhuailte lé chéile a's ná bíodh aon siar ná aniar air: ar an mbán ag troid lé chéile. Feóra Fhinn Trágha an machaire ráis a bhíodh annso im óige-se: an cúrsa ráis. "Ón gcnoc a chídhtear an machaire": ón árdán a bhíonn radharc ar an gcoimheascar .i. an té a bhíos i gceann is aige is fearr fios ar na nidhthibh fé n-a chúram. Ní sheasuigheann sé ar mhachaire an lae seo fear ná go bhfuil sé chómh flaitheamhail leis: ní mhaireann in aon bhall. Na Machairidhe: líomatáiste fhairsing íseal cois farraige in aice Chaisleáin an Ghreaghaire. Imirtheoir chómh maith agus sheasaimh ar mhachaire riamh: cródh nó páirc imeartha.

macamhail: *a.* ceanamhail, caoin, miochair. Buachaill maith é sin riamh, a thugann ómós macamhail dá mhuinntir .i. a thugas onóir a's dualgas dóibh. Bíonn na leanbhaidhe sin an-mhacamhail le chéile: caoin, cneasta.

macamhlacht: *b.3.* ar aiste bheith ar nós mic ómósaigh. Is é nár theasbáin aon mhacamhlacht dá mháthair, ón lá d'imthigh sé thar lear níor chuir sé scéal ná duain chúiche: cneastacht a's grádh mar budh dhual.

macánta: *a.* ionraic, caoin, cneasta, réidh, neambuailteach, fíor, mín, so-láimhsighthe. An fhírinne mhacánta, creidim, atá dhá dhearbhadh, tá croiceann na fírinne ar gach focal uait: díreach: gan gó. M'fhocal go macánta dhuit nár bhuaileas barra méire ar aon rud a bhaineas leat: m'fhocal go honórach. Ná bíodh aon scáinteacht ort dul in aice an ainmhidhe sin, ceann macánta seadh é, níor bhuail sé aonne riamh: socair, suaimhneasach. Níl an mhuir ró-mhacánta indiu, tá sí ag dul go féar glas: socair, ciúin. Nách é an t-alfraits é a's leigeann air bheith chómh macánta leis an sagart: díreach,

neamhurchóideach. Níl agam ach mo chuid mhín, mhacánta féin, níl goid, fogha ná fuadach déanta agam .i. a bhaineas liom féin féin. An tslighe mhacánta an tslighe cheart .i. gan chor, gan chlaon. Ná bí ag féachaint air, airgead macánta seadh é: airgead a tuilleadh go díreach nó a fuairtheas go cóir, ceart. A dhuine mhacánta, ní mise a chuir aon chruisteach ar do chuid, b'fhada mar phaiste orm é: a dhuine chóir. Ní dhéanfadh an saoghal mór de ach fear macánta agus gan luighe ar an ndream a luigh air nuair fuaireadar an chao: fear onórach, meastamhail air féin. Mínigheadh í, dá mhéid an fuadar toirmisc a bhí fé, go raibh sé chómh macánta leis an uan: chómh socair, neamhdhíoghbhálach. "Ní chreidim thu" – "go macánta dhuit, tá sé ag feitheamh leat": níl aon amhras. Ná bíodh de thuairm agaibh go raibh sé ag tafant ná ag teannadh orm, thugas do é lém thoil mhacánta féin: lém thoil mheanmnaigh: asam féin glan. Fanann an capall macánta fén dtrucaill: socair .i. ní bhíonn guairneánach ná crosta. Is macánta liom ataoi annsan .i. is ait liom gan tú bheith ag cainnt nó ag déanamh gleóidh. Mara mbeir macánta leis an gcapall, rian ní dhéanfaidh sé dhuit: cineálta, cneasta. Cómh-mhacánta dho ar a mheisce a's ar a chéill: ní athruigheann sé. Níl an cor-each san macánta as a deireadh: speachfadh sí duine. Díoladh amach go macánta me .i. fuaireas an méid a bhí ag dul dom.

macántacht: *b.3.* ionracas, dírigheacht; cneastacht, ciúnas, socracht, míneacht, so-láimhsightheacht. Teist na macántachta riamh air a's a mhalairt ar bun aige, ag scrios gach aonne d'fhéad sé: é amuigh air bheith díreach. Ní théigheann rogha slighe ón macántacht: cóir agus ionracas i ngach beart. B'aimhleasta é thu id leanbh, is mór mar chuadhais i macántacht: socracht, ciúineacht, míne. Beidh tamall ann ar an gclódh atá air sara raghaidh an aimsir olc seo chun macántachta: chun suaimhnis. Ní i macántacht atá an aicíd seo ag dul ach i malluightheacht, tá sí ag scaipeadh: ag maolughadh: ag dul ar gcúl. Éirigheann an mhacántacht trí huaire: buadhann sí ar an éigean .i. is í a sháruigheas sa deireadh. D'fhanfadh an capall san annsan anois gan faire ar feadh seachtmhaine lé n-a mhacántacht: suaimhneas a's socracht. Rogha gach inntleachta an mhacántacht: níl aon rud ag an nduine gur fearrde é a chur roimis a's a leanamhaint ná í. Nuair thuiteann rógairidhe amach tagann an duine macántacht ar a chuid féin: an duine a shiubhlas an bóthar díreach do shíor. Seasaimh ar an macántacht a's ní baoghal duit éitheach: ná cuir cor in aon rud a's beidh rith an ráis leat. Tugadh an bheart róthábhachtach úd do mar ná raibh aon amhras ar a mhacántacht: díre.

macántas: *f.1.* cneastacht, ceannsacht, ionracas, támáilteacht. Baoghalach liom ná déanfaidh sé aonnidh cóir go deó, an iomad macántais gan aon dáine ná cur chun cinn do féin ann: cúthaileacht a's támáilteacht. Sin é an chéad uair riamh istigh 'n-a thigh agam 'sis mór an macántas a theasbáin sé dhom: cneastacht a's sithbhialtacht. Leis an macántas atá ag gabháil lastuas de ní mór go gcuirfeadh sé a neart in iúil choidhche: mánlacht, mínleacht, náireamhlacht. Dá bhfaghadh sé an chao air is beag an macántas atá ag baint leis ag imirt cártaidhe: ionracas: díre: tuigsint in onóir.

macaomh: *f.1.* duine óg curanta. Is iomdha macaomh fir a's mná imthighthe go tíorthaibh in imigcéin as Éirinn: daoine breághtha, óga, maiseamhla.

macnas: *f.1.* meidhréis, girréis, teasbhach, cneastacht, ceanamhlacht. Níor stadais ó mhaidean, pé macnas atá ort, ach ag léimrigh as do chorp: girréis: fonn súgraidh. Is róbheag an macnas a fuair sé ó n-a mhuinntir ach tráthanna fada ar lom-bhiadh: cineáltas a's cion.

macsamhail: *b.3.* crotaon, aithbhreith, clódh, cosamhlacht, cómh. Mar táir ag gearán sé macsamhail de mháchail atá orm féin: an t-iomard céadna. An leabhar atá ar iarraidh uait do chonnac ag príochán dubh éigin leabhar a mhacsamhla: leabhar dá chómharthaidhe. Do mhacsamhail níl idir mhuir a's ghrian! an bhfeicir aonne chómh hamadántamhail ag caitheamh a chuid airgid?: do chómh: do lithéid eile. An peann san leat do bhriseas cúiteochad leat lé n-a macsamhail: lithéid: ceann mar í. Dein rud orm, a's fan ó mhac na mío-chomhairle sin, ní haon mhacsamhail duit é: duine chun aithrise do dhéanamh air.

machtíre: *f.4.* faolchú, madra alla, ainmhidhe ceathairchosach allta, feólbhaigh de chineál an mhadra, creachaid caoire a's eadáil. Sé mo mheas ort, an meas a bheadh agam ar mhachtíre gan fiacla!: meas beag .i. gan eagla ar bith rómhat. Sin é an machtíre i gcroiceann caorach .i. cuma mhín, mhacánta air, ach nádúir mhalluighthe, urchóideach aige. Maran tú an machtíre againn, ag faire ar dhul i muineál na ndaoine: duine buile, droichmhiantamhail. Ní fheadar cad is ceart dom do dhéanamh, nó cá gcasfad chun m'fhuascalta, is ionann dom a's don té go mbeadh machtíre ar chluais aige!: bheith i ndraip. "Íosfaidh an machtíre agus an t-uan i bhfochair a chéile agus íosfaidh an leómhan tuighe mar an damh, agus budh luaithreadh beatha na naithreach nimhe. Ní ghoirteóchaidh agus ní mhuirfid im shliabh naomhtha-sa uile, adeir an Tighearna" (Iosai LXV. 25) .i. ag tagairt do shiothcháin rioghachta ár Slanuightheóra.

machtnamh: *f.1.* ceapadh, smaoineamh, marbhna, meabhrughadh, measadh, breithniughadh, scrúdughadh, suim, cuimhneamh, iongadh. Nuair deir duine a bhíos i bhfad ciúin i gcuideachtain rud éigin obann nó gan choinne leis, deirtear, "as do mhachtnamh é!": toradh do smaointe é. Bheith ag tafant orm nó ghom ghríosadh chun nidh ná taithneann liom do dhéanamh, níl aon mhachtnamh agam air: aon chuimhneamh ná ní bheidh. As mo mhachtnamh, déarfainn idir an dá nídh, foidhne do dhéanamh ná rud grod: tréis scrúduighthe a's meabhruighthe chómh fada agus théigheann mo dhícheall ar an gcúrsa: sin é mo thuigsint air. Dá mhéid mo mhachtnamh air seadh is mó tá sé ag dul sa mhuileann orm .i. atá sé dhá chur trím aigne a's trím smaointe. Budh róbheag an machtnamh a bhí agat orm-sa ná ar connus mar bhíos ag maireachtaint nuair bhí rud agat a's gan aon easnamh ort: an cuimhneamh. An té ná glacfaidh cómhairle leig lé n-a mhachtnamh féin .i. deineadh sé mar tuigtear. Tá cuid mhaith roinnte agam anois oraibh-se, nách dóigh libh ná gur mithid dom machtnamh orm féin: cuimhneamh agus cuid do thabhairt dom féin. Chaith sé seal maith ag éisteacht leis gach aonne a's a thuairm féin dhá aithris aige, annsan phreab sé as a mhachtnamh a's dubhairt go tapaidh ná raibh puinn fuaimeanta lé haonne aca: mhúscail sé go beó de phreib. Ag machtnamh dom ar dhiamhaireacht na farraige sé tuigeadh dom gur beag é eólas an duine ar nidhthibh áirighthe: ag cuimhneamh 'sag smaoineamh. An bhfuil aon mhachtnamh agat-sa dá n-oscaltá do bhéal: smaoineamh nó tuairm ar an rud atá i dtreis. Ag déanamh mo mhachtnaimh dom féin annso ar bhruach na mara: ag déanamh mo mharbhna: ag cur a lia rud trím smaointibh. Ag cuimhneamh ar dhul thar lear duit in aois chapaill na

gcómharsan, is tu mac an tsolais, is iomdha machtnamh ait id cheann: teadh. "Níor chruthnuigh Dia riamh aonne lé n-a dhamaint" – "do mhachtnamh!" .i. is aoibhinn an smaoineamh i gceann duine é. Budh cheart d'aonne bheith ag machtnamh roimis anois agus oiread lóin agus is féidir leis do chur i dtaisce lé haghaidh an ghannchais atá i ndán dúinn: féachaint roimis go géar. Téighir ag machtnamh airís sara néir aonnidh grod: cuimhnigh go deimhin an ath-uair. Ní machtnamh liom é do dhéanamh rud maith, mar ní hé an chéad uair aige é: ní hiongadh liom. Sin cúrsa bun os cionn ná raibh aon choinne agam leis, fágann sé rud lé machtnamh agam .i. ní fuláir dom cuimhneamh go diair ar cad is cóir do dhéanamh. An rud atá ráidhte agat 'n-a thaobh anois cuireann sé ag machtnamh me go mb'fhéidir go bhfuil baint éigin aige leis an rud do chuala féin: beireann chun mo smaointe é agus cuireann ag cuimhneamh me. A lithéid ní dhéanfadh sé choidhche, tá sé thar a mhachtnamh: ní chuimhneóchadh sé fiú amháin air. Trí mhachtnamh ort choimeádas id chóir é seo i leith agus go mb'fhéidir go dteastóchadh uait: tu do bheith ag rith trím aigne. Ní raibh aon mhachtnamh aca ar a bpeacaidhibh ná ar Dhia: ní raibh aithreachas a gcionnta ort ná aon chuimhneamh ar ghrádh Dé. Tá sé ag rith trím aigne go láidir go bhfeaca in áit éigin é, ach ní fhéadfainn a mhachtnamh cad é an áit: a bhreith chun mo chuimhnte. Ar mh'anam nár dhearmhad sé in ao'chor me, gur thug cuireadh dhom, tá sé lán de mhachtnamh: cuimhne nó imshníomh i dtaobh dhuine eile. "Pingin ar do mhachtnamh" .i. cad air go bhfuilir ag taidhbhreamh. "Téighimis in arm" – "ná bíodh an dara machtnamh air" .i. téighimís! Scéal ná fuil réidh fós seadh é, tá fé mhachtnamh: ag cuimhneamh ar cad budh cheart do dhéanamh leis. B'éachtach an machtnamh bád fé thuinn .i. an ceapadh incheann. Budh mhór an machtnamh duit gan me do dhearmhad: b'iongtach an cuimhneamh é. Ná tair ar aon ath-mhachtnamh, lean den bhfuadar atá fút: malairt cuimhnimh a's bearta.

machtnóir: *f.3.* duine go mbíonn cuimhneamh ann. Machtnóir maith anois a chuirfeadh amach cathain nó connus do thiocfaidh deireadh an chogaidh seo: duine go mbeadh inntleacht árd-ghéar agus tuigsint aige. Dréir na machtnóiridhe ní bheadh aon cheal bídh ar an dtír seo do shaothrughadh innte féin dá gcuirtí treó cheart air: iad so go bhfuil stuidéar a's scrúdughadh déanta aca air. Ní mór machtnóiridhe chun cúrsaidhe tábhachtacha d'ionsaidhe: daoine gur féidir leó cuimhneamh ar gach taobh agus gné dhíobh.

machtnuighim: *b.a.* ₇ *n-a.* ceapaim, cuimhnighim, smaoinighim, meabhruighim, beartuighim. Nuair chuala nách mar shaoileas do bhí, mhachtnuigheas: chromas ar chuimhneamh cad budh chóir do dhéanamh. Am seadh linn chogaidh ná machtnuightear d'aonne: ná bítear ar aon taobh géilleamhail dá chéile. Machtnuigh ar cad tá déanta agat agus chuirfeadh sé náire ort má tá aon náire ionat: cuimhnigh: criathraidh it aigne ceart nó mícheart do ghníomhartha. Níor mhachtnuigh sé riamh go raibh an namhaid chómh hinneallta a's baineadh dá bhonnaibh é: níor tuigeadh do é: ní tháinig sé isteach 'n-a aigne. Ní thuigeann tú fós cad tá ar bun agam, machtnuigh leat mar sin: cuimhnigh a's smaoinigh go doimhin air. Gach lá d'éireóchair ded leabaidh machtnuigh ar an té a chruthnuigh tu: dírigh do smaointe air. Ar mhachtnuighis riamh ar an saoghal atá rómhat?: ar buaileadh it aigne cad budh cheart duit do dhéanamh chun bheith ullamh don mbás. Mhachtnuigheas as ar chuala agus a bhfeaca ná rabhthas buidheach díom: bhaineas mar thátall as é. Machtnóchad go maith ort-sa, ar cad tá déanta agat orm: cuimhneóchad

go beó air. Machtnuigh chun Dé go maithidh Sé do pheacaidhe dhuit: bíodh Dia go láidir a's go ceanamhail id smaointibh. Machtnuigh sara labhrair: meádhaidh go maith cad tá ar inntin do rádh. Ná cuireadh sé aon eagla ort go ndéanfad aon bhascadh dhuit, ní mhachtnóchainn ar a lithéid: ní thaidhbhreóchainn: ní leigfinn mo smaointe air. Is minic, minic do machtnuigheadh sa tigh seo ort a's tú in imigcéin: a bhís i smaointibh na ndaoine. An machtnuigheann aon tSasanach 'n-a aigne go mbuaidhfear ortha?: an leigeann 'n-a luighe air féin sin? Machtnuigh roim ré: ná dein aon rud dána, ruaiseach, ceann-uaiscneach. An té ná machtnuigheann roimis 'n-a óige agus cuimhneamh ar lá an chruadhtain beidh thiar ar 'n-a léithe: ná meádhann aiste a shaoghail. Mhachtnuigheas an cúrsa ar an uile thaobh de agus sé cómhairle go dtána air gur bh'fhearr stad: mheádhas go cruinn.

machtnuighthe: *a.r.* cuimhnte, meáidhte, ceapuighthe, smaoinighthe, meabhruighthe, beartuighthe. "An mbeir ag dul 'on chathair?" – "tá sé machtnuighthe agam, ach nílim dearbhtha fós": cuimhnte: bhíos ag cuimhneamh an raghainn nó ná raghainn. Is iomdha rud machtnuighthe riamh agat id cheann ait: smaoinighthe chun a dhéanta. Tá sé machtnuighthe agam, a fheara, gur bh'fheárrde sin gan oiread tobac do chaitheamh .i. táim tagaithe ar an inntin sin tréis é do chriathairt go maith im smaointibh. Ní hamhlaidh go bhfuil sé machtnuighthe agat me do thréigean i ndeireadh dála? .i. ní fuláir: ní thiocfadh lá dá chuimhne dhuit a lithéid do dhéanamh? Tá cleamhas eatartha san machtnuighthe lé fada: luaidhte.

mádh: *f.1.* an cárta déidheannach a scughann an déantóir agus a chuireann béal anáirde; taca. Ní raibh dath an mháidh agam, budh dhealbh an lámh í: ní raibh aon chárta de dhath an chárta iompuighthe agam. Chuadhas-sa a's mo ghrádh ag imirt ar scuaib a's bhí an mádh ag an gCailín Deas Ruadh: an cárta is fearr .i. an cionmhádh in imirt a haon déag ar fhichid. Cuireata an Hart an mádh mór annsan .i. an cárta dob fhearr. Sara iompuightear an mádh cinn cómhairightear an imirt: an cárta deiridh a scúightear a's gar de a leantar. Muileat an mádh 'sis maith an drádh an spéarat: cárta nách mádh. Ní raibh mádh mór ná beag agam .i. bhíos gan a dhath. Tá mádh maith i gcártaidhibh aige má éirigheann leis: ádhmharach. Mara mbeadh mádh maith i gcártaidhibh do bheith aige raghadh bliadhain phríosúin air: duine a dhein tacaidheacht as léidhe dho. Tabhair (leag) an mádh ortha: caith amach cárta den ndath atá ar ceann (barra). Is agam-sa a bhí trí an mháidh, ach ní raibh sé 'n-a mhádh mór .i. an trí de dhath an chinn, ach níor bh'é an cárta dob fhearr in imirt é. Beidh máidhte móra na cathrach go léir ag céilidhe an Uachtaráin: na daoine áitrighthe. Cad n-a thaobh nár leagais mádh ar an drádh láidir úd?: nár bhuailis. Aon lá anois tá súil lé haithearrach mádh sa bhFrainnc: atharrughadh mór i bpoilitidheacht na tíre. Bíonn an mádh i gcómhnaidhe aige ar gach aonne, níl aon teóra leis: an buaidh. Cad n-a thaobh bheith ag caitheamh mháidhte ag dradhtáil .i. ghá gcaitheamh ar dhrádhannaibh .i. ghá gcaitheamh ar gach cárta a gheóbhadh an treó. Caithfir mádh éigin eile d'iompódh chun teacht tímcheall air siúd agus muinnteardhas do dhéanamh leis .i. nílir ag cur chuige ar an slighe cheart. Cuir an mádh isteach leis má bhíonn agat: ionsaidh é leis .i. ná leig cúig leis ar dhrádh. Aon, cuireata a's cionmhádh – triúr nách gnáth in aon láimh. Leig sé dóibh bheith ag cainnt leó ar feadh i bhfad a's an mádh mór aige i ngan fhios dóibh: an chúig nó an poinnte a chuirfeadh 'n-a n-éisteacht iad. Cé air a bhí an

mádh mór?: cé aige go raibh sé? Is mara chéile dhómhsa máidhte nó dráidhte .i. caillim péaca a bhíos agam. An té go mbeadh súd leis, bheadh mádh aige: taca iongtach.

madradh: *f.1.* ainmhidhe coitcheann, mín, bleathach, ceathair-chosach, gadhar, cú. Cathain rug madradh gearra ar fhiadh .i. madradh nách cú. An aimsir atá caithte bhíodh saoghal an mhadraidh againn ar bhiadh, ach feasta is baoghalach go gcaithfear caolughadh: saoghal maith. Níl saoghal mhadraidh aige ón mnaoi atá aige: lán-chiapuighthe aice: í do shíor ar a thóir. Chómh broideamhail san dom ó mhaidean go bhfuil rith mhadraidh an dá cháis orm: d'iarraidh teacht ar dhá rud in aonfheacht. Meas madraidh ní bheadh ag aonne air tréis leabhar éithigh do thabhairt i gcoinnibh a cómharsan: an meas is lugha agus is táire. An bhfuil a fhios agat anois cad é an tor atá agam-sa ar do chuid bagartha – an tor a bheadh ag madradh ar a athair .i. ní heól do cé hé a's mar sin ná bac tor. Is dána é gach madradh i mbéal a dhorais féin: is deacair teangmháil leis an té a bhíos 'n-a bhaile dúthchais féin. Buail mo mhadradh, buail me féin .i. ní leigfinn leat é – rud ná taithnigheann liom: buail aonne a bhaineas liom a's chídhfir cad do thárlóchaidh duit. An biadh do fuaireas i gcarcar ní thabharfá dod mhadradh é .i. biadh dona. Ná dein scéal Mhadraidh na nDeich gCos de .i. ná congaibh sians air: nách dóigh leat go bhfuil go leór ráidhte cheana air. Is maith an rud eagla do bheith ar an gcat a's ar an madradh .i. gach mianach duine do mhíniughadh. Rith an mhadraidh chun na fallainge do dhein sé an lá d'athruigh sé ar a chuid poilitidheachta: dul ar an dtaobh go raibh dá bharr aige. An lá a bhíos do lámh i mbéal an mhadraidh tairng go réidh í .i. bí aireach connus mar réidhtighir tú féin ar dhuine go bhfuil greim aige ort. Níl comharthaidhe an ruda atá uait agat níl aon oidhre ort ach an té a bhí ag lorg an mhadraidh a's gan fios a dhatha aige! Congaibh an cnámh a's leanfaidh an madradh thu: má bhíonn súil ag duine lé rud maith uait nó é do bheith geallta agat do leanfaidh trí theine a's trí uisce thu lé hionchas a faghálta. Is fearr madradh beó ná leómhan marbh: is fearr aonnidh ná bheith dá éaghmais. Ná beadh meas agat ort féin a's gan bheith ag imtheacht id mhaidrín lathaighe i ndiaidh gach aonne a's do bhairéad id dhorn agat: id dhuine shuarach gan náire. An amhlaidh do theastóchadh uaibh maidrín lathaighe ar fad do dhéanamh díom: gach rud dá shuaraighe a's dá aindeise do chur lé déanamh orm. Níor chuir an mada ruadh aonne riamh amach is fearr 'ná é féin: ná fág do chúram ag brath ar aonne eile. B'é an mada ruadh i mbun na gcearc agam é d'fhágaint i mbun an tighe, níl aon rud gur chuir sé súil ann nár árduigh leis: feallaire. Mhairfeadh sé mara bhfaghadh an madar uisce bás, tá sé chómh righin sin: ní chuireann fuacht ná uisce air. Madradh mná í sin, a's seachnann gach aonne í go bhfuil aithne aige uirthe: mináireach: a chuirfeadh bruidhean ar dhuine ar fíghe fíodha. Madraidhe éisc: fíogaigh. Cainnt an-choitcheann í sin annso, tá sí ag madraidhe an bhaile: i mbéal gach aonne. "Clocha ceangailte a's madraidhe scaoilte" mar dubhairt an fear siubhail lá an tseaca nuair féadfadh caitheamh leó .i. tóir dhá dhéanamh ort a's gan aon chosaint agat ort féin. Cá bhfuil cúis na stránach ar fad aige? nách é an madradh uilc é .i. duine lánfheargach. Imtheóchaidh do chuid ag madraidhe na gcómharsan mara dtugair aire dho: soir siar: leighfidh sé. B'fhearr dhi, an bhean bhocht, coileán madraidh do thógaint 'ná aonne clainne atá aice: is mó do dhéanfadh a toil ná iad. "Ní raibh aon chath riamh" ars an mada ruadh, leis an bhfeirmeóir, "ná tiocfadh duine éigin saor as", nuair bhí na géadhanna go léir marbh aige (a's é féin beó). Gach aonnidh istigh sa tigh aca is cosamhail lé madar allaidh é, 'n a ghoire ní fhéadfá dul .i. táid conntabharthach. Lascáladh amach an doras é mar láscálfí

madradh: caitheadh amach é gan aon truagh dho. Sé an meas a bhí air gur sáthadh na madraidhe leis: saghadadh leis iad. Madra taoide agus madra gaoithe ag cur i gcoinnibh a chéile ní hiongadh an fharraige bheith fiadhain, fliuch (.i. ag teacht isteach de dhruim cliatháin báid): taoide bhuileamhail chas a's gaoth nimhneach. Lé rud gan tairbhe deirtear "caithtear chun na madraidhe é" .i. níl oireamhnach d'aon ainmhidhe eile é. Tá sé chómh ceanamhail lé madradh ort .i. cion mór. Chómh lobhtha lé madradh tréis é do dhreódhachaint: lobhtha bréan. Ars an té a bhí tógtha, millte, buadhartha gen saoghal, "níl aon mheas agam ar m'anam ach oiread a's do bheadh ag madradh lobhtha!" Chómh traochta lé madradh tréis an lae táim: cortha: tnáidhte: tugtha. "Ní thabharfaidh tuarastal striapaighe nó luach madraidh go tigh do Thighearna Dia ar son móide ar bith; óir is athfhuathmhaireacht iad so araon dot Thighearna Dia" (XXIII. 18) .i. cóimhmheas do bhí ortha. "Agus adubhairt an Filistíneach lé Dáibhí, an madradh mise as a dtig tu chugham lé bataidhibh? etc." (Sam. XVII. 43) .i. an é sin an meas atá agat orm? "Óir ón dtaobh amuigh beid na madraidhe agus lucht na bpiseóg agus an adhaltranais agus an dúnmharbhtha agus an iodaladhruigh agus gach neach a ghrádhas a's a ghní an bhréag" (Teasb. XXII. 15) .i. an meas céadna a bhí ortha. Leanfadh sé ar nós an mhadraidh thu .i. tá sé árd-cheanamhail ort, nó bheadh id dhiaidh ag tnúth lé rud éigin. "A mhadraidh, a's gan dadamh den gclúmh ort", lé rud go mbíonn seanbhlas air. D'éirigh sé chugham 'n-a mhadradh gur dhóigh leat go n-íosfadh sé im bheathaidh me: go buileamhail. "Luigh annsan, a mhadraidh", deirtear so, i gcómhartha bheith ciúin nó aireach, lé duine i gcuideachtain a thuigeas gur do féin do bhíonn an tagairt a's nách eól d'aonne eile sin. Is maith do theastóchadh uaidh na madraidhe do chur leis: é do ruagairt as an áit. Ní holc é greim an tseanmhadraidh .i. an té go mbíonn breis na taithighe aige is é is daingne a bhíos. Tugadh sé aire dho féin, tá an iomad cion ar an achrann aige, ní hí gcómhnaidhe bheireann an mada ruadh a earball leis .i. ní hi gcómhnaidhe a bheireann duine a chosa saor leis, ná go leigtear do féin. Aithnigheann na madraidhe féin é .i. aithne mhaith air tímcheall na háite. Cor-mhadra é seo, ní mór é a lúth .i. ná beadh fuil ghlan ann. Meas madar allaidh (machtíre) gan fiacla agam air: meas ar bith. Is iomdha madra gearra agus droichbhean tighe curtha aige dhe ó fhág sé clúid a mháthar 'n-a óige: fir nár chaoin leis agus droichthigheasaigh ban. Ní baoghal duit an madra a sceamhfaidh ort: is annamh gur b'é is mó a bhíos tugtha do bhreith .i. an té is glóraighe ag bagairt ort, is é is lugha gur gábhadh eagla roimis.

madramhail: *a.* ar nós an mhadraidh, dána, fíochmhar, buileamhail. Chuir sé roimis go madramhail ar theacht isteach do, theastuigh uaidh an tigh do chur trí chéile: fiadhain, droichmheastamhail. Taoide mhadramhail ná leigfeadh eagla dhuit scaoileadh tríthe: láidir, cas, fuinneamhail. Aimsir mhadramhail í seo ná féadfá obair ná gnóth do dhéanamh innte: fíochmhar, garbh, féin. D'imreamair a chéile go madramhail ag déanamh ar dheireadh an chluiche: chómh dian, dásachtach a's b'fhéidir linn. An bhfeacaís aonne riamh chómh madramhail leis? ná féadfá focal seóidh ná grinn do rádh leis .i. go mbíonn fonn an achrainn a's an aitis air gan aon mhoill ná adhbhar. Dhein an bradán troid mhadramhail sarar traochadh é: thug sé seasamh cródha uaidh. Nách madramhail atá an leanbh san ná stadfadh de thormas ná de bhéicigh?: dána, crosta, buadharthach. Ná hith do chuid bídh chómh madramhail sin, bíodh béasa leat: amplamhail: neamhdheas. Bíonn cómharsain an bhaile seo go madramhail lé chéile níos

minicighe ’ná mar budh ghábhadh dhóibh, ní hannamh ar an gcnocán lé chéile iad: trodach, achrannach, droichbhéalach.

madraidheacht: (**madramhlacht**) *b.3.* droichmhianach, dúire, ceanndáine, stalcaidheacht, doighripeamhlacht. Maith ar bith anois níl bheith ag gabháil de, tá sé dulta chun madraidheachta: stalcaidheachta: a chochall éirighthe i gcoinnibh gach aonne a’s gach aonnidh. Cuir uaim an mhadraidheacht anois a’s fan socair nó beir ar an gcaolchuid: ceanndáine a’s mí-iomchar. “Tá Sasana claoidhte cheana féin”, ars an fear, “ach go bhfuil sí d’iarraidh a greama do choimeád lé madraidheacht”: gur cuma léi ach lé ceanndáine. Ceal sa tsaoghal níl agam air, a’s ní bhrisim a chroidhe lé hobair fós lé madraidheacht cheart ní suaimhneasach d’fhanann sé: droichmhianach.

magh-: *r.mh.* mór. Tá magh-shluagh agaibh ann, baile ó Dhia oraibh, fan go gcómhaireóchad sibh: mórchuid daoine. Beidh na magh-shluaighte anoir ’saniar annsúd, “dubhachtaint na gcnoc a’s na sléibhte” .i. beidh an saoghal mór ann.

mágh: *f.3.* réadh, machaire, talamh réidh, slinn. Amach ar an mágh libh! táim clipighthe agaibh tímcheall tighe: fén mbán amach libh. Tá an áit ’n-a mhágh-uisce tréis na dtuiltidheacha troma .i. báidhte: an t-uisce gabhtha lastuas de. Bhíodh mágh mór talmhan tamall agam, anois táim ar chion bó: leathantas. An amhlaidh atá tuairm ag ár Riaghaltas go bhfuiltear ar tí mágh catha do dhéanamh d’Éirinn ar an dtiargabháil atá dhá dhéanamh aca?: fód catha: log catha: páirc buailte.

mág: *f.1.* lapa, an crobh. Lán a dhá mhág d’airgead: a dhá chrobh curtha lé chéile. Nára mhaoidhidh Dia do bheatha ort má gheibheann sí siúd a mág ionat: a crobh, a “gatha”. Is breágh an dá mhág do chuir Dia ort: dhá chrobh mhóra, ghroidhthe. Cuir do mhág sa bhfeóil sin .i. bíodh cuid agat di.

mágach: *a.* géagach, mór-chrobhach, córach. “Dia na ngrást linn nách geairrid mar bhás é, fear tighe a’s áite, ím a’s bláthach a’s leanbh breágh mágach” (Bean d’eitigh báillidhe ar bhiadh, a’s cuigeann díreach déanta aice, thógadar san a bó in olc. Tháinig an fear ag fuascailt na bó a’s mharbhuigheadar é. D’imthigh an bhean ón dtigh fé dhéin an chorpáin. Ar fhilleadh di bhí an chuigeann laitighthe, a’s an leanbh stollta as a chéile ag cráin mhuice, d’fhág san gan chéile, gan leanbh gan chuiginn í). Bheadh eagla aice dul i ngoire na mná eile tá sí ró-mhágach di: fad-ghéagach, láidir-ghéagach.

magadh: *f.1.* fonmhód, béithé, cnáid, fachnaoid, scigireacht, seafóid, díthchéille. “Is minic do tháinig an magadh go leabaidh an dáiríre” .i. daoine ag seódh lé chéile, ag leamh-aithris troda a’s gur b’é a dheireadh troid cheart do theacht eatartha .i. rud ná bítear ach ag súgradh leis nó gan aon tábhacht puinn do chur ann a’s go dtagann chun cinn nó i gcrích. Is deacair liom tú do chreideamhaint, scéal mar mhagadh atá agat: scéal chun caoraidheachta do mhúscailt ionam. Ní haon scéal mar mhagadh é seo go mbeidh gannchar bídh orainn, fan, an aimsir a inneósaidh: ní haon chúrsa é seo chun gáiridhe is neamhshuim do dhéanamh de. Fear magaidh seadh é, ní leigeann sé aonne tharais gan babhta do bheith aige air: fear grinn: fear suilt. Fear mar mhagadh é sin chun aonnidh do dhéanamh: gan aon mhaith: a chuirfeadh ag gáiridhe duine. Ní haon bhuille mar mhagadh

a liocuigh a shrón ar an gcuma san: gan éifeacht: gan fuinneamh. Tá duine ag rádh focail mar mhagadh riamh a's beidh go deó: focal chun grinn nó suilt. Fada mo dhóthain do bhíos im dhíol (ceap) magaidh ges na cómharsanaibh ag tabhairt iasachta gach haonnidh dóibh a loirgidís a's gan me ag fagháil faic uatha: ball sceilp: duine go n-aimsighidís a gcuid fonmhóide air. Is minic a bhíonn dhá cheann ar an magadh: an té a bheadh ag déanamh magaidh gur ag magadh fé féin do bheadh sé. Ná bí ag déanamh magaidh fút féin ag maoidheamh as do chuid béarla a's ná féadfá madra do chur ón ndoras leis .i. ag tabhairt cúis gháire fút dos na daoinibh. Fan anois, idir mhagadh agus dháiríre dhuit nílir leath chómh holc a's leigir ort do bheith: a rogha agat bheith ag leigeant ort nó gan bheith. Más chun magaidh a tháinighis-se ar an mithil seo budh ghalánta dhuit go mór fanacht ag baile .i. bheith díomhaoin 'sag caitheamh aimsire: mar sheódh amháin. Is é a chuireann ag gáiridhe im chroidhe istigh me féin adhbhar an mhagaidh ag déanamh an mhagaidh .i. an t-amadán ag gáiridhe fé féin. Deirim-se leat, pé meas atá ag daoinibh air sin, nách fear mar mhagadh é: fear gur féidir fonmhód a's gáire do dhéanamh fé. Ag magadh fé chéile seadh mhaireann an saoghal .i. dar lé leath na ndaoine gur féidir leó gáiridhe do dhéanamh den leath eile. Níl ann ach magadh bheith ag obair ar thuarastal bheag: leithéis: cúis táire a's gáire. Á, deirim leat, nách aon mhagadh an lá indiu, is mór an fuacht atá ann: gur lá go gcaithfear a thabhairt fé ndeara go maith. Ní himirt mhagadh í a's geall trom thíos: imirt bhiorán sop, ach imirt go gcaithfear goth do chur orainn chúiche. Is olc a raghaidh sliocht an mhagaidh: clann an dreama a bhíos d'iarraidh táire a's beag-mheas do tharrac ar chách. Duine glic é sin, dar leis, go mbíonn mhugadh-mhagadh aige leis gach aonne: go mbíonn sult a's subháilceas dhá bhaint aige as a saontacht 'sa neamhghliocas-san. Lucht magaidh iad san, ní leigid aonne thársta: paor aca ar gach aonne: dream a dheineas sult le táir nó seódh. "Do dhéanfaidh mise fós gáire fá bhur ndonas-sa; do dhéanfaidh me magadh nuair thiocfas bhur n-eagla" (Seanráidhte I. 26): beidh sult orm. "Agus adubhairt Balám leis an asal, de chionn go ndeárna tu magadh orm; dob fhearr liom go mbeadh cloidheamh im láimh, óir do mhuirfinn anois thu" (Uimhreacha XXII 29): ag caitheamh dí-mheasa orm. Deir an Ghearmáin gur mhagadh go dtí so an cogadh: na raibh ann ach seódh nó mar bheadh súgradh, ach as so amach go mbeadh malairt clóidh lé holcas air. Má tá bróga maithe ort féin ní gábhadh dhuit bheith ag cleith-mhagadh fém bhrógaibh-se, go bhfuilid níos fearr nuair ná fuilid: fachnaoid: "ag tabhairt fútha" go sleamhain. Duine thusa ná raghaidh do chleith-mhagadh rómhaith dhuit: tarrac droichmheasa ar dhuine a's ar rud trí bhréag-chomórtas: táir a's mí-mheas do theasbáint in úrlabhra 'si ngnúis. Muicfheóil dhá dhíol n-a beathaidh ar an margadh dréir réal an púnt a's trí réalacha uirthe sa tsiopa ghá ceannach, nách é sin an stealla-mhagadh fé lucht a gcothuighthe: fonmhód gan aon cheilt air. Mara mbeadh gur lé magadh do thugais bitheamhnach orm do bheadh t'anam agam: chun seóidh. Bíonn magadh a's magadh ann, ach bíonn rudaidhe ró-íogair nách féidir do thógaint 'n-a magadh .i. nidhthe áirighthe dá mhéid sult do gheóbhfí asat fútha ach gan dul rófhada nó chun "seanbhróg".

magaidhe: *f.4.* duine fonmhóide, fachnaoide; scigire; tarcuisneóir. Aonne ach magaidhe ní thairngeochadh deich bpúint ar chapall chómh maith leis sin: duine go mbeadh fonn dí-mheasa aige do chur air nó daoine do chur ag scigireacht fé. Tagann cainnt bhreágh, bhog ar na magaidhthibh sin go bhfuil a ndóthain aca féin, ghá rádh, "tuillidh é a's bíodh sé agaibh": dream cnáideach .i. go mbíonn ar aigne aca beag is fiú do dhéanamh de dhaoinibh eile a's táir do tharrac ortha. Magaidhe breágh seadh thu, chídhir a fheabhas a

bhíos gach aonne eile ach thu féin: fear gur b'é a mhian beag is fiú do dhéanamh de dhuine: tarcuisneóir: scigire.

magaidheacht: *b.3.* ar aiste fonmhóide, fachnaoide, scigireacht. Magaidheacht dómh-sa mo chuid oibre d'fhágaint a's dul ar ráiseannaibh: rud a chuirfeadh daoine ag gáiridhe fúm. Is mór go léir an fonn magaidheachta fúm-sa é, a iarraidh orm díol as rud nár ghlaodhas: gáiridhe do dhéanamh fúm lém bhoichte: fonn dí-mheasa a's táire do dhíriughadh orm. Tá an mhagaidheacht riamh ag baint leis: tréith na droichmheasa ar chách.

magáin: (**mágáine**) *b.2.* máchail, locht, cur siar, gortughadh. Tógadh leis de bharr an fhalla fiche troigh ar aoirde, nách air a bhí an t-ádh nár imthigh magáin air: an mháchail budh lugha. Ím gan mhagáin é sin, blais é, féach an dath atá air: gan locht na teimheal. Magáin ní dhéanfaidh sé leat speal mhaith oibre do dhéanamh anois a's airís: aon ghortughadh. Nách diail a raibh d'airgead aige nár dhein sé magáin leis na céadta do chailleamhaint .i. ná raibh aon mhotháilt aige air. Magáin ní dheineann a mbéal salach liom-sa, bídís ag cur síos orm go dtuitfidh an teanga asta: aon chur siar ar mo chlú. Má néir mágáine leis an leabhar luachmhar san beidh do mharbh air: oiread an frighe de dhíoghbháil. Leigidh do féin, tán sibh ghá dhalladh amach, tá sé 'n-a Éadhmonn Mhágáine gan mo hata: im raic gan é. Budh dhóigh leat ar Shasana go bhfuil Musailíní 'n-a Éadhmonn Mhágáine aca .i. n-a chácar .i. nách eól do cá dtabharfaidh a aghaidh. Seo chughainn Éadhmonn Mhágáine .i. duine a bhíos ag gluaiseacht tímcheall go neamhadhmannach.

mágaire: *f.4.* duine go mbíonn crobhanna móra air. Laimhne oireamhnach do ní bhfaghadh in aon tsiopa, an mágaire. Thairng sé mágaire mór partáin aníos as an bpota: ceann go raibh crúba oll-mhóra air.

magairle: (**mangairle**) *f.4.* an mála go bhfuil na clocha. Léan ort a mhagairle: a dhuine gan anam. Dá gcaitheadh sé a mhangarlaidhe leó b'é an scéal céadna aige é .i. a neart ar fad ní dhéanfadh an bheart atá uaidh. Cad tá ann ach magairle fir .i. fear gan fuinneamh.

magairlín: (**mangairlín**) *f.4.* bláth go mbíonn bleibínidhe ar nós uirgheanna fé. An magairlín meadhrach.

magamhail: *a.* fonmhóideach, fachnaoideach, tarcuisneach, neamh-urramach, meidhréiseach. Budh mhagamhail an bheart do rinne sé uirthe í do thréigean tréis a bheith geallta léi: tarcuisneach. Bír-se magamhail fés gach aon iarracht a tugtar ar nidh cóir do dhéanamh sa tír seo, ná rabhamair i ndán a dhéanta a's ná beadh aon mhaith ann: fonmhóideach: bheith d'iarraidh gach iarracht do chur fé tharcuisne. Faic dá ndéarfadh a athair leis ní dhéanfadh ach é go magamhail fé, ag tabhairt gach re seadh dho: go neamh-urramach, neamh-umhal. Nuair iarras uirthe do bheith mar chéile agam, mheádhaidh sí lé n-a súil me ó bhathas go trácht a's scairt ar gháire go magamhail: ar shlighe tharcuisnigh. B'fhéidir ná beifeá chómh magamhail sin in ao'chor a's go mbeifeá ag gáiridhe fé lé droichmheas nuair cloisir an focal déidheannach uaim-se 'n-a thaobh lé n-a fheabhas: ag déanamh fonmhóide fé – fonmhóide nó leithéise fein. Ná bí magamhail fén gcléir: ná

habair nó ná dein aon rud a bhéarfadh táir nó tarcuisne dóibh: neamh-urramach. Thugas iarracht ar bhreith ar an mbramach ach d'imthigh, ag caitheamh a thóna go magamhail ar fuaid na páirce uaim: ar luas a's lán de theasbach.

magamhlacht: *b.3.* fonmhóideacht, fachnaoideacht. Ag lorg ruda orm-sa agus gur fearr atáir féin ar chumas a bheith agat; maran magamhlacht san, ní fheadarsa: magadh 'n-a bhun. An iomad molta dho d'fhonn bheith mór leis, sin magamhlacht i ndáiríribh: táir 'n-a bhun. Cuir uaim do chuid magamhlachta, is maith is eól duit ná féadfá é sin do dhéanamh choidhche: iarracht dhíomhaoin.

magarlach: (**mangarlach**) *a.* fireann, clocha móra do bheith ag nó málaidhe móra. Cuirimís féachadh dochtúra air, d'fhéachaint an magarlach in ao'chor é!: scrúdughadh dochtúra d'fhéachaint an bhfuil sé fireann. Chómh magarlach le tarbh nó stail asail. Níl ann ach magarlach: fear (fireannach) gan bhrigh gan tapa.

maide: *f.4.* bata, cleith, slat, blúire adhmaid, cuaille, smístín. B'fhéidir nách siúicre an bata agam-sa dhuit mara n-iomchrófá thú féin: ná beinn-se ag foidhneamh leat agus ná beadh aon bhuidheachas agat ort féin nuair bheinn réidh leat. Nuair bhíonn cuideachta ag dul chun síogaidheachta a's ná bíonn an greann ná an sult chómh haibidh a's bhí i dtúis deirtear, "ná leigidh bhur maididhe luatha ar lár" .i. an fuadar a bhí fúibh ná staonaidh de. Más mian leat na cosa do bhreith leat cuir ar na maididhibh .i. bain asat a bhfuil ionat: ná fásadh an féar féd chosaibh. Sé an seasamh ar mhaide lobhtha é bheith ag brath ort: duine nách féidir muinghin do bheith as: rud (duine) a theipeas ort nuair bhís ag brath air chun tacaidheachta do thabhairt duit. Ó mhuis, is tú an maide marbh, an músclóchair choidhche?: duine gan aon mhaith, gan aon anam. Tá an chos 'n-a maide fé: gan é ábalta ar aon áis do bhaint aiste: stanncuighthe. Cuireadh cos mhaide fé: cos thacair. Bhíodar maide ar mhaide, gan órdlach ag ceann (duine, etc.) aca ar an gceann eile: ar chóimhrian: ar chomhuisce. Dá fhaid atá an bitheamhnach ag breith a mhaididhe leis, mhuis, is dócha gur b'é a dhán sa deireadh breith air. Is maith glan a thug sé a mhaididhe leis as an ndlighe an uair úd: gan aon smál ar a chlú. Nách maith bhreis ar aonne eile a bhíos i dtreis leis go mbeireann sé a mhaididhe glan i gcómhnaidhe leis: ná beirtear air in aon ghreim: ná faightear aon bhrabúch air. Maide a bheadh oireamhnach do liaghairne mar é sin agus cuid mhaith de: é do smísteáil le bata. Is agat-sa féin atá "maide na leitean" a's a rian air is agat féin atá an chuid is fearr: an chómhacht: an ceannas: úghdarás. Is aige a bhí an chéad chapall maide a bhí riamh san áit seo agus budh mhór é iongtas gach aonne: rothar!: dealbh adhmaid i ndéanamh capaill iallaite do mharcuigheann leanbh in aithris marcaigh. Maididhe cos an bháid (na nadhbhóige): na treasnáin ar a tóin go luigheann na cosa 'n-a gcoinnibh i rámhaidheacht. Maide rámha: úirlis adhmaid go luirg fhada, bas ar cheann an uisce dhe, a's lona ar an gceann eile, é 'n-a luighe ar ádhbhar a ghníos buthal do – chun báid do ghluaiseacht tríd an uisce. An maide tosaigh: an ceann a bhíos i ngiorracht do shnaidhmin an bháid, a's an maide deiridh, an ceann is giorra don bhfostain. Maide brollaigh .i. maide mór i lár báid go mbeadh beirt ag tarrac air, freisin ceann den dá mhaide a bhíos sínte lé hughaim go mbíonn na brollaighe (dhá ghad) ceangailte treasna ar dhrom an ainmhidhe os chionn na srathrach. Maide corrach: bata nó bíoma mar mheádh. Beidh maide in iomar agam anois an méid atá gan críochnughadh de so do bheith déanta agam ar an sprioc-lá: duadh; mo dhóthain mór d'ughaim thairng.

Chuirimis clár treasna claidhe, mar mhaide corrach, shuidhimís ar a cheannaibh a's bhímís síos suas. Léan id cheann maide! an dtuigir aon rud in ao'chor?: ceann cipín: a amadáin. Nách gleóidhte oibrigheann an bhean a cos ar an maide luastair: maide coise an túirne lé n-a ngluaistear é. Cuir san maide snadhmtha anois é, níl aon ghnóth agat ambliadhna airís: ar an dtreasna a dhlúthuigheas dhá thaobh an chúpla lé chéile. Leathas mo dhá chois ar mhaide droma an tighe .i. an maide buaice .i. an raighilse caol a luigheas i gclais na gcúplaidhe feadh an droma ó bhinn binn. Rófhada dhúinn ag itheadh 'sag bearradh ar a chéile ar rud nách fiú é, caithimís fé thóin cártaidhe é a's deinimís maididhe marbha dhe .i. deinimís síothcháin: socruighimís an t-achrann. Beidh maididhe croise agat i ndiaidh an chapaill mhalluighthe sin mara bhfanair uaidh: gléas chun daoine a bheadh céim-bhacach do thacaidheacht chun siubhlóide, maith, láidir a's cúilín ar a bharr a's flocas ann, istigh fén oscail chun cuid den meádhachtaint d'éadtromughadh. Maididhe cas-adhmaid: na hadhmadaidhe i mbád nó i luing go mbíonn an gráine cas ionta ar a n-aduightear an plannc nó na sleasa. Bíonn sé árd-righin as nádúir a fháis. Cad tá ar do ghéagaibh maide ná hoibreófá?: gan líomhthacht. "Cad ólfair?" – "ólfad maide pínt!": piúnt leanna duibh lán suas go smig. Bhíos bailighthe de bheith 'n-a measc gan focal as aonne aca, ach iad n-a maide: coimhtheach, neamhchainnteach. "Budh mhór an obair dhuit, partán seanduine mar thu, a fhir bhoicht, siubhal chomh fada" – "níor bh'aon nath agam é, bhí an tríomhadh cos agam" .i. maide láimhe (siubhail). "Agus dubhairt óglach De, cáit ar thuit sí (an tuagh)? agus do theasbáin sé an áit do agus do ghearr seisean maide agus theilg ann é agus do shnáimh an t-iarann" (2. Righthe VI. 6): slat: blúire adhmaid. "Is duibhe a ngnúis 'ná gual. Ní haitheantar sa sráidibh iad, ceanglann a gcroiceann dá gcnámhaibh; do chríon sé, is cosamhail lé maide é" (Triabhain IV. 8): gan líomhthacht, tirim, tur. Chuaidh sé ar a mhaididhe: chumaisc sé í. Bád gan maide gan slat .i. gan fearas ar bith. Maide ná slat ní gábhadh dhi chuige ach a teanga! .i. déanfaidh a géire ionad aon chinn aca. Ní sheasóchaidh maididhe an tighe an gála (leó má leanaid dá gcuid rangcáis): cleathacha: adhmadaidhe an chinn. Ní maide ar fad é, ní fuláir ná go gcorróchad bás a athar é: duine gan mhothúilt. Cuirimís ár maididhe ar an mbóthar .i. bímís ag gluaiseacht. Tá maide maith agat an lá atá so in aonfheacht leat: tacaidheacht. Níl aon mhaide cosanta eile agam ach thu, ná tréig me: cabhair dídin. Ná bí id shuidhe annsan, a bhalbháin, cuir do mhaide isteach chómh maith lé duine: bí rannpháirteach san gcómhrádh nó argóint atá ar siubhal. B'fhearr liom bheith ag gabháil de mhaide air ná aon chabhair do thabhairt do: a smísteáil do thabhairt do. Ní dhéanfair rámhaidhe maith choidhche, bíonn an iomad fóid ar do mhaide: cuirir ródhoimhin in uisce é. Ní cuimhin lé haonne atá suas anois na céachdaidhe maide a bhíodh ag ár sinnsear: céachdaidhe adhmaid.

maidean: *b.2.* an chuid luath den lá de ghnáth ó ghealadh lae go meádhon lae an lóchtaint. Dá mbeifeá ag cainnt go maidean ní athrófá me: ar feadh i bhfad: i rith na hoidhche. Do tháinig chughainne ar maidin an lae ghil .i. a luaithe a's gheal an lá. Éirigheann sé i moch na maidne (maidine) gach lá sa mbliadhain .i. i bhfíor-thosach an lae. D'fhágfainn an áit seo ar maidin dá bhfaghainn áit is fearr: aon am go luath gan dochma ná moill. Is éascaidhe neóin na maidean: ná bac cur chun aonnidh rómhoch. "Séamas na Maidine" .i. Firtéarach a thugadh an oidhche lé ragairne. Tá an mhaidean 'n-a headarshuth orainn .i. tá sí éaluighthe orainn. Ná héaluigheadh an mhaidean ort .i. bí id shuidhe go moch. Ó mhaidean go hoidhche ní bhíonn de phort aige ach thu .i. ag síorchainnt ort. Ná fág fuighleach an lae indiu fé mhargadh na maidine .i. an rud is féidir

leat do dhéanamh indiu ná fág go dtí ambáireach é. Beidh ort isteach aon mhaidean anois .i. aon tráth. Fan eadrainn go maidean: caith an oidhche 'n-ár measc. An mhaidean nár bheiridh orm-sa, mhuis, go gcúiteóchaidh súd ar a dhúbailt liom-sa an nidh atá déanta aige: leabhruighim é. Gan an mhaidean do bhreith 'n-a bheathaidh air, ar seisean, gur bh'fhearr leis aon amharc amháin d'fhagháil ar Éirinn ná cúig bhliadhna saoghail. "Nár bheiridh an mhaidean orm!" – "ó, éist! éist! ná bí ag eascuinghe mar sin". Cad thug chugham ar ádhmhaidin thú?: an-mhoch ar fad. Úrnaighthe (réilthín etc.) na maidne. Ní threabhfaidh sé (ní bhéarfaidh air) go maidean: ní mhairfidh. Ní rug an mhaidean i gceart air nuair seo chun bóthair é: ní mór gur fhan leis an lá. "Dia dhuit ar maidin" .i. beannachadh na maidne. Ar uair bheag na maidne do casadh im threó í: ádhmhaidean. Ní fheicfidh sé an mhaidean gur fearr d'fhear é ná me: an lá: choidhche. "Connus a thuit tusa anuas ó fhlaitheamhnas, ó, a Liúsafair, a mhic na maidne?..." (Iosai. XIV. 12). Maideanacha do bhím ar fóghnamh a's maideanacha ná bím .i. maideanacha áirighthe. Béile na maidine (maidne): céadlongadh: céadphroinn.

maidir: *lé rádh r-fhch.* i dtaobh etc. Maidir lé fanacht annso go maidean níor mhachtnuigheas air .i. cuir i gcás é do dhéanamh. Maidir liom-sa dhe, ná bacaidh liom mar nách fiú trácht orm: im thaobh-sa dhe. Maidir le sclábhaidhe maith, budh dheacair a chómh d'fhagháil: a áireamh: tagairt do. Maidir lé lá breágh dhe, tá sé againn ar ár dtoil: chómh fada agus théigheann san de etc. Ná beifeá maidir liom-sa a's gan oiread cainnte do bheith agat: ar mo nós-sa díreach. Gheóbhair-se an rud a iarrais, ach maidir le haonne eile ní bhfaghadh féachaint air: aonne eile áireamh. Nuair labharfaidh sibh mara mbeidh sibh maidir lé chéile ní héisteófar in ao'chor libh: ar aon fhocal. Maidir leis do is cuma liom cad dhéanfair ó nách féidir liom tú do shásamh: ar an aiste sin: ar an gcuma san. Mara mbeir maidir lé gach aon imirtheóir eile annso agus tú féin d'iomchar, amach leat: ar a nós. Maidir lé háilne, cá bhfuil a sárughadh?: ag tagairt do san amháin. Is é a dhein achrann idir mo chéile a's mise ná rabhamair maidir lé chéile in aon rud go gcuimhneófá air: gan aontadh ná cosamhlacht. Bíodh ainm na beirte thíos maidir lé chéile .i. ná bíodh comhthrom ag ceann aca ar an gceann eile. Ní bheinn maidir leó, ag rith 'n-a maidrínidhibh lathaighe dho, ar gach cor, ar ór na cruinne: ar a gcuma. Budh mhaith liom bheith maidir leat ag dul 'on chathair ar feadh mí: ag dul mar taoi. Ní raibh an dá scéal maidir lé chéile in ao'chor, b'fhada uaidh é: níor aontuigheadar: gan cosamhlacht. Maidir lé luach mór, níor tháinig a lithéid le fada: ag áireamh luach.

maidhm: *b.2.* claoidhe, briseadh, créacht (thalmhan), pléascadh, ruagairt, máchail, tulca, buinne. Cuireadh maidhm ar Arm na Frainnce a chuir iongadh ar an ndomhan: ruagadh a's scaipeadh. Tháinig an namhaid isteach thar teórainn maidhm ar mhaidhm: 'n-a sluaightibh troma. Báidhte go smior atáim, ní go dtín croiceann in ao'chor é, lithéid de mhaidhm bháistighe ní tháinig ó aimsir na díleann: duartan: tulca ar thulca. Cuireadh an mhaidhm go bog orainn, cá raibh ár bhfearas ná ár gcuid fear?: ruagadh sinn a's buadhadh orainn. Gaibh tuile an chnuic lastuas den mbóthar a's d'fhág madhmanna ann go raghadh capall a's cairt i bhfolach ionta: créachta (gleannta) móra, doimhne. I gcumar na gcnoc bhodharfadh gach maidhm thóirnighe thu do thagadh: torann trom. Dhein an capall maidhm tríd an sráid nuair thóg sé sceit: slighe: bealach: dhein casán do féin, gach aonne mná luaithe ag teicheadh lé n-a anam. Ní cainnt atá aice siúd ach maidhm chainnte: buinne chainnte: cainnt ag teacht 'n-a sruth uaithe.

maidineamhail: (**maideanamhail**) *a.* moch, gach maidean. Beireann sí an bainne chugham go maidineamhail: gach maidean. D'éirighis go maidineamhail indiu, is beag duine a bhí 'n-a shuidhe rómhat: go han-mhoch. Páipéar maidineamhail seadh "Scéala Éireann" .i. ar maidin do cuirtear amach é.

maidrín: *f.4.* madra beag, duine suarach, snámhcánaidhe. "An maidrín ruadh": leas-ainm do tugtar ar fhear bheag go mbíonn an dath san air. Nách náireach an rud díbh bhur n-athair bocht críona caithte do bheith 'n-a mhaidrín ag déanamh an uile ghnóth dhíbh a's sibh-se, staibhialacha fuar, díomhaoin: ar séirse gan stad gan sos mar bheadh madra. Id mhaidrín gach aon lá san mbliadhain ag rith ameasc na gcómharsan ar lorg iasachta rud éigin: id shuarachán. Ní dhéanfair maidrín díom-sa ar gach aon chor, dein féin do chuid teachtaireacht féin: ullamh chun d'órduighthe do dhéanamh duit chómh humhal lé madra. Bím im mhaidrín lathaighe aca .i. ag cur gach cúraim orm is suaraighe ná a chéile. Imthigh anois id mhaidrín lathaighe ag déircínteacht, féach cá bhfaghfá rud ar iasacht: id Dhonnchadh Ó Déircín.

maig: *b.a.* cromadh nó leagadh tóirtéiseach cinn; leathcheann; gotha, forcamás, leacsteámar. Is mór go léir an mhaig atá i ndaoinibh indiugh, a's go deimhin níl a fhios againn cad é an fáth: gothaidhe go bhfuilimíd galánta, mar dheadh – rud ná fuilimíd. A's í ag gabháil tharainn isteach doras an tsáipéil, i lár d'áiteannaibh sa domhan, cuireann sí maig uirthe féin .i. cuma forcamáis nách dual di. Cuir uait na maigidhe agus dein do chúram i gceart, níl aonne annso ag tógaint aon cheann díot: geáitsidhe: geámaidhe. D'aithneófá nách beag aige é féin ar an maig atá ar a hata: an chuma go bhfuil sé buailte air a's fiar air go dtógfí ceann de. Tá maig id chúl ar mh'anam .i. do chúl gléasta lé forcamás a's imtheacht gaigeamhail fút. Nuair d'imthigh an mhaoin d'imthigh an mhaig: nuair chuadhthas i mbochtnacht lean an leacsteámar nó na geámaidhe í: dúmas iomchair thóirtéisigh. Bainfead-sa an mhaig díot: úirísleóchad thu. Gaige na maige a's gaige na feirce .i. an gaige a chuireas cor tóirtéiseach 'n-a cheann a's an gaige a chuireas cor tóirtéiseach dá bhairéad. Gaibheann an oiread eiteallán tímcheall an aimsir seo go bhfuil maig im mhuineál ó bheith ag amharc anáirde ortha: cor: freang. Caithfear an falla san do leagadh a's d'aththógaint tá maig air: leathcheann.

maighdean: *b.2.* óigh, cailín óg, ainnir. An Mhaighdean (Bheannuighthe, Mhuire, Ghlórmhar): máthair Dé. "A Mhaighdean - ní fheadar cá bhfaghair í". "A Mhaighdean Dé dá bhfeicteá an t-ár mar chonnac-sa, scannróchadh sé id bheathaidh thu". Sin mar deirtear lé huathbhás. D'fhan an bhó úd 'n-a maighdin bhuaile .i. bó ná raibh aon ghamhain riamh aice. B'fhearr léi fanacht 'n-a maighdin bhuaile 'ná pósadh: aontumha.

maighdeanas: *f.1.* óigheacht, geanmnaidheacht. "A maighdeanas nár mhalartuigh ar ór buidhe" .i. d'aindeóin gach cothuighthe. D'fhan sí gan truailliughadh, n-a hóighe fíorghlan.

maighdeóg: *b.2.* an crainnín iomchair go mbíonn roth an túrainn air.

maigeamhail: *a.* tóirtéiseach, leacsteámarach, mór is fiú, forcamásach, mustarach. Tugann an hata péacach san cuma mhaigeamhail ort, budh dhóigh lé duine nár mhac duine bhoicht in ao'chor thu: cuma neamh-dhual, thóirtéiseach. Nuair beannuigheadh di níor leig sí uirthe go gcuala sí ná go bhfeaca sí, ach a ceann do thógaint go maigeamhail a's seóladh thart: go leacsteamárach. Ó chuaidh sé chun deiridh sa tsaoghal níl sé chómh maigeamhail a's bhíodh sé, stad na cuideachtaidhe a's na gluaisteáin: gan an oiread éirghe anáirde do bheith fé. Fear maigeamhail é sin gur beag air labhairt lé daoinibh nách iad a chómh iad, dar leis .i. go bhfuil geámaidhe fé nách dual do. Ball den saoghal seadh é, is mar a chéile aige íseal a's uasal, níl sé maigeamhail: neamhfhorcamásach: gan fonn ar bith air taidhbhseamh pioc níos fearr 'ná neach eile.

maigeamhlacht: *b.3.* tóirtéis, leacsteámar, forcamás, mustar. Daoine go n-aithneófá maigeamhlacht ag teacht ionta nuair éirighid aon chéim sa tsaoghal, ní mór go gclaoidhfidís labhairt leat: iad do chur tóirtéise ortha féin a's ceann síos do bheith aca ar a lucht aitheantais. Cad é maigeamhlacht! nuair éirigh leis a's gur theip ar gach aonne eile, ní fheadair sé an ar a cheann nó ar a chosaibh do bhí sé ag siubhal: forcamás: iarracht do thabhairt do bheith ar chuma ná bíonn dearbh ná nádúrdha. Tá maigeamhlacht ort ar mh'anam, go bhfuil gach nidh ar do thoil agat: éirghe anáirde. Lé maigeamhlacht a leagais é sin anois, dá dtabharfá aire dhuit féin ní bheadh sé i gceist .i. is mó do theastuigh uait go mbeadh na daoine ghod thabhairt fé ndeara 'ná féachaint rómhat fein. Bainfear an mhaigeamhlacht as do chúl thiar fós: bainfear ded chleitidhibh: an dúmas mustair gur feárr thu 'ná aonne eile.

máigín: *f.4*. mág nó crobh beag. Maigínidhe na bunóice. D'fhear mhór ghroidhe nách air atá na máigínidhe: crobhanna beaga.

máighistir: *f.* (*máighistir*) oide, múinteóir, maor, saoiste, fear stiúrtha, smachta, ughdaráis, treóraidhe, duine go mbíodh sár-eólas aige. Máighistir scoile, pionnsa, cuain, puist etc. Budh dhóigh leat air gur mháighistir rinnce é .i. gaige beag ceart seadh é. Níl an bheirt úd go holc in ao'chor ar bhitheamhantaidheacht ach sé siúd a máighistir go réidh: is mó go mór de bhitheamhnach é. Cé hé a bhíos 'n-a mháighistir air féin nuair bhíonn sé lé póit?: ábalta ar é féin d'iomchar a's do smachtughadh mar is cóir a's ceart. Cuireadh an iomad scannraidh orm a's ní rabhas im mháighistir orm féin as san amach: ní rabhas i ndán mo mhisnigh ná mo mheanman do bheith fém thoil agam. Is fada ó b'é an máighistir n-a thigh féin ach a bhean: an té a bhí i gceannas cúraim a's gnótha, a's ná lamhálfadh cruisteach air. Máighistir ar fiche míle púnt é, nách mór é a shaidhbhreas: sealbhthóir. Ní shroichfidh an long san caladh, tá an ghaoth n-a máighistir uirthe: róláidir di. "Is mar thárla máighistir ag lorg buachalla a's buachaill ag lorg máighistir" .i. is ádhmharach an teangmháil é .i. tusa nó mise ag lorg ruda a's é ag an nduine eile chun a chúraim do chur de. "Agus tháinig na Puibliocáin mar an gcéadna ionnas go mbaistfí iad agus adubhradar leis, "a Mháighistir créad do dhéanfam-ne?" (Lúcás III. 12): Críost. Níor bh'iad na máighistridhe talmhan budh mheasa ach na h-ath-mháighistiridhe: na tighearnaidhe gur leó é ach iad so a bhíodh ag bailiughadh an chíosa dhóibh. Dá mbeadh sé 'n-a mháighistir ar a chéird ní hé sin saghas scéil do scríobhfadh sé: dá mbeadh an t-eólas ceart ealadhanta aige. Féachtar ar an máighistir atá fé mar dheadh "mise an máighistir" .i. níl aonne mar me. Tá an capall dubh (rás) 'n-a mháighistir fós .i. chun

tosaigh. Níl aon deabhadh mór oibre air, is leór don ndeisciobal bheith mar a mháighistir: aithris do dhéanamh air. Níl na dochtúiridhe 'n-a máighistir fós ar an aicíd .i. níl sí fé smacht aca. An té ná bíonn 'n-a mháighistir ar a chúram bíonn an cúram 'n-a mháighistir air .i. duine gan eolas dallann a ghnóth é. "A shearbhfhóghantaidhthe, bídh umhal d'bhur máighistiridhibh dréir na feóla maille lé faitchíos a's lé criothnughadh i bhfíorghlaine bhur gcroidhe amhail do bheadh sibh do Chríost" (Ephes. VI. 5): saoghalta. "Is é máighistir na gceárdaidhthe é", deirtear lé haonne a bhíos fíor-eólgaiseach ar an nidh áirighthe sin do dhéanamh. Me féin mo mháighistir féin: táim neamh-spleádhach. "Ní féidir lé neach ar bith seirbhís do dhéanamh do dhá mháighistir: óir beidh fuath aige do dhuine aca agus grádh don duine eile...ní féidir seirbhís do dhéanamh do Dhia agus do Mhammon" (Matha VI. 24). An máighistir óg: mac an tighearna talmhan nó cóngantóir scoile. Máighistir ceart magaidh seadh thu, ní leigir neach thart gan ruail ded theangain .i. tá an tréith sin go láidir ionat.

máighistreacht: (**máighistridheacht**) *b.3.* ughdarás, ceannas, tíoránacht, cruadhtanacht, gabháil ughdaráis, an lámh uachtair, eolas cruinn ar adhbhar nó ar úirlis. D'iarraidh máighistreachta an tighe do bheith aige go mbeadh gach aonne 'n-a bhais chait aige: ceannas nó rith an tighe. "Pé olc maith í an ealadha, taithighe ghníos máighistreacht": a thugas eólas cruinn ar an rud do dhéanamh mar is cóir. Dá fhaid me ag gabháil do Ghaedhealaing níl máighistreacht fós agam uirthe .i. níl sí ar mo chur agam. Fén gcaptaen do bhíonn máighistreacht na luinge: a stiúradh, a riar a's a treórughadh. Níl ionat annso ach ar nós aonne eile, an fonn máighistreachta atá ort bheith ag tabhairt órduighthe uait: ag gabháil ughdaráis gan bhuannacht chughat. Sasana a's an Ghearmáin ag féachaint máighistridheachta na farraige lé chéile: an lámh uachtair. Toisc gan máighistreacht cheart do bheith agam ar an roth chuaidh an gluaisteán 'on díg: cumas nó eólas ar í d'oibriughadh. Níl an mháighistreacht ar fad ar Éirinn scaoilte uaithe ag Sasana, tá blodh dhi fé n-a riar fós: forlámhas: riar a's riaghalughadh. Aon rud a deirtear leis do dhéanamh caitheann san leis an máighistreacht atá air: tíoránacht: smacht iomlán. An té a bhíos fé mháighistreacht dhaoine iasachta meileann sé mín a's garbh: fé n-a láimh. Caithfear an chloch san do dhruideam isteach sa bhfalla tá máighistreacht aice ar an gcuid eile: tá sí níos sia amach go mór. Níl aon chnoc tímcheall annso ná go bhfuil máighistreacht mhór ag Cnoc Bhréanainn air: aoirde.

máighistreamhail: *a.* úghdarásach, tíoránach, mursanta; tighearnamhail. Ní bhruicfeadh aonne leis ag obair do, ró-mháighistreamhail ar fad, "tair annso" a's "téighir annsúd" aige a's gan aon rud chun a shástachta: ródhian: mursanta. Saoiste máighistreamhail ná stadfadh de ghlamghail ar feadh an lae: tíoránach. Chuir sé chuige chómh máighistreamhail sin gur dhóigh leat air go raibh eólas aige air ó n-a cheann go dtín a thóin: ughdarásach, tighearnamhail. Dá mbeinn chómh máighistreamhail im thigh féin a's budh mhian liom do bheith, thabharfainn cuireadh dhuit: tighearnamhail: cead agam mo thoil do dhéanamh. Cainnt mhaith mháighistreamhail do thugais uait, budh dheacair lucht d'fhagháil uirthe: fuaimeantamhail, éifeachtamhail. Níor oibrigheas d'aonne riamh budh neamh-mháighistreamhla ar a chuid fear 'ná é, leigeadh sé dhóibh obair ar a shuaimhneas: budh lugha a bhíodh d'iarraidh a mbrostuighthe. Nách máighistreamhail a loirgeann sé rud: dána gan buannacht.

máighistreamhlacht: *b.3.* ar aiste bheith úghdarásach, mursantacht. Bíonn máighistreamhlacht an domhain dá thaidhbhreamh do orainn, ach sin a mbíonn dá mhaith dho ann, mar is minicidhe gur cluas bhodhar do gheibheann sé 'ná rud do dhéanamh air: fonn air daoine do bheith ar a chur a's fé n-a smacht aige. Ní hé an méid oibre atá orm in ao'chor ach an mháighistreamhlacht ghom ordughadh annso a's ghom órdughadh annsúd: ceanamhlacht órduighthe do thabhairt agus iad do chur i bhfeidhm. Deirim leat anois, im thuairm-se ach go háirighthe, go bhfuil máighistreamhlacht ag baint leis an leitir sin .i. go bhfuil sí éifeachtamhail a's go dtuilleann sí tor do thabhairt uirthe. Máighistreamhlacht ar fad seadh é .i. is breágh leis ó chroidhe bheith ag tabhairt órduighthe a's géilleadh d'fhagháil.

máighistreás: *b.3.* múinteóir (mná) scoile, saoiste mná, bean an tighe, leannán. An inghean máighistreás an tighe a's ní hí an mháthair: an ceann: an té atá ghá rith. Ar an máighistreás atá an bríste .i. sí bean an tighe go bhfuil riar an tighe aice. Dá mbeadh cead mo mháighistreása agam .i. mo mhná. "Agus do ráidh aingeal an Tighearna léi, 'fill ar do mháighistreás, agus umhluigh tú féin fá n-a lámhaibh" (Gen. XVI. 9): an bhean go raibh úghdarás aice uirthe. An Róimh máighistreás an domhain: riaghalthóir. Máighistreás fuaghála: bean a mhúineas fuagháil. Is breágh dho é níl máighistir ná máighistreás air .i. níl air órdughadh do thógaint ó neach. "Agus amhail mar bhíos ag an bpobal seadh bhíos ag an sagart...mar bhíos ag an gcailín seadh bhíos ag an máighistreás" (Iosai. XXIV. 2) .i. an té a bhíos i gceannas an chailín.

máighistrighim: *b.a.* buadhaim ar, smachtuighim, foghlumuighim, claoidhim. Riamh níor máighistrigheadh an garsún céadna ag baile ná ar scoil dob éigean éirghe suas de: níor cuireadh smacht air. Mháighistrigh sé an teanga in aon bhliadhain amháin gur b'fhéidir leis í do labhairt go maith: d'fhoghlumuigh. B'fhearrde an bhean san dá máighistrigheadh a fear í: dá gcoimeádadh sé fé n-a riar í. Tabhair eaga dho, tá sé óg fós, gheóbhair amach go máighistreóchaidh sé iad go léir fós: go mbuadhfaidh ortha: go rachaidh chun cinn.

máighistrighthe: *a.r.* smachtuighthe, claoidhte, riartha, foghlumtha; curtha fé chois. Fadhb chómh hachrannach san dob eadh í gur thóg sé an lá ar fad sara raibh sí máighistrighthe agam: an bheart déanta agam uirthe. Tá sé máighistrighthe gen aois óir nár bh'fhéidir é do mháighistriughadh ar aon tslighe eile: claoidhte: curtha fé chois. Sasana ag maoidheamh go bhfuil an Ghearmáin máighistrighthe aice san aer .i. gabhtha lastuas de chómhacht a luingeas aoir. An fear a bhíos máighistrighthe ge baile ní sheasóchadh an saoghal lasmuigh: fé smacht a mhná. Seacht dteangthacha a bhí máighistrighthe aige: foghlumtha. Ar an dtógáil atá ar an dtigh sin agat tá saoirseacht máighistrighthe agat: eólas agat uirthe. Táim-se ró-mháighistrighthe annso chun fiú amháin mo cheann do thógaint: an iomad smachta orm.

máighistriughadh: *f.* (*-ighthe*) smachtughadh, riaradh, claoidheachtaint, buadhachtaint (ar). Bhriseas mo chroidhe d'iarraidh snámha do mháighistriughadh ach tá an oiread agam a's tá ag cloich: é d'fhoghluim a's a bheith agam. Budh mhar a chéile dhuit bheith ghá mháighistriughadh san nó bheith ag máighistriughadh an aoir os do chionn .i. gnóth díomhaoin bheith d'iarraidh a chur féd smacht. Ar na béasaibh atá agat, a leinbh, tá

máighistriughadh maith ge baile ort: smacht a's riar. Aon mháighistriughadh níl curtha fós ar bháid fé thuinn na Gearmáine: níl bainte dá scrios.

maighre: *b.4.* maighdean, bean sciamhach, duine sláinteamhail, folláin. Maighre mná chómh breágh a's tá i gCúige Mumhan a's ní gábhadh dul tharais: áilne. Cé hí an mhaighre?: an cailín (bhean) sciamhach. Tá a gclann éirighthe suas 'n-a mhaighre gach duine: buachaillidhe a's cailínidhe folláine, láidre.

máiléad: *f.1.* tuairgín, casúr a's ceann mór trom adhmaid air chun suiséil etc. do bhualadh. Féach an máiléad cinn atá air: ceann neamhghnáth lé n-a mhéid. Ní chuirfeadh máiléad faic i gceann an daoi sin .i. ní fhoghlumóchadh ná ní thógfadh aon rud 'n-a inchinn. Léan id cheann máiléid: ceann cipín: ceann gan éascaidheacht foghluma ná tuigseana.

máilín: *f.4.* mála beag, sparán, saicín. Léan id ghoile a's i máilínidhibh do chloinne: clúdach na n-uirgheann. Ó bheith amuigh fén bhfuacht (bheith ag gabháil air) bhí sé chómh gorm lé máilín an ghuirm: an saicín go gcuirtear an gorm ag leigheadh i gcóir nigheacháin. Máilín leabhar: tiachóg. Cad tá id mháilín tréis an lae?: cad nuadhacht agat?

máilíneach: *f.1.* duine gan anam. B'fhearr liom bheith ag gabháil de mháiléad ort, a mháilínigh, 'ná bheith ag féachaint ort ag déanamh aonnidh: rud gan anam mar bheadh mála follamh.

mailís: *b.2.* malluightheacht, urchóid, drochaigne; fonn díthe cháich; stáid aigne is follus as gníomh neamhdhleaghthach. Chuir sé isteach ar mhailís as a iothlainn do dhóghadh: cúiteamh ón ndlighe. Do neach ar domhan níl mailís agam, is é is olc atá an té is fearr atá as: urchóid. An lé mailís a chuiris an chainnt úd orm: drochaigne: chun mo dhíoghbhála.

mailíseach: *a.* urchóideach, droch-aigeanta, formadach. Ná bí ag cnáimhseán rud do bheith ged chómharsain a's tú féin dá cheal, ná bí chómh mailíseach san: formadach: droch-aigne do bheith agat. Aon chúis nó leathscéal cúise do bheadh aige chughat, chuimhneóchadh choidhche air, tá sé chómh mailíseach san: an t-olc ar bórd aige ar feadh i bhfad. Is lán-mhailíseach an rud do neach bheith ag cúl-chainnt: bheith ag cothughadh drochaighne.

maille: *r.fh. ch.sh.* i dteannta, i bfharradh, de chionn, de bhrigh. Tair (i) maille liom: im fhochair. Cé raghaidh ann go bhfuil misneach aige maille lé Seán: chómh maith leis. Thug sé trí chéad púnt ar an áit maille a raibh d'airgead sa bhannc aige .i. bhí an méid sin airgid leis aige. Rinne daoine rud chómh holc leis maille liom: nách mise. Imthigh maille grásta Dé: grásta Dé go raibh id bhóthar. Bhí sé geárrtha, laitighthe maille lé n-a raibh air do bheith stollta, stracuighthe: ina theannta san etc. Maille (le) me do cháineadh thug sé drochainmeacha orm: i bhfochair me do cháineadh. Thána ón mbaile mór gan aonne maille liom: im chuideachtain.

máille: *f.4.* cómh-chuid nó cómh-pháirt nó cómh-bhall d'aonnidh. Níl máille dom chorp ná go bhfuil tinn, tinneasach fuaireas an oiread san brúighte: gach cnámh. Mo shúil go

bhfuil gach máille dhíot chómh maith, slán a's budh mhaith liom é do bheith .i. gach pioc ded chorp. Nuair bhuail an long ar an gcarraig níor fhan máille dhi lé chéile: pioc di níor fhan ceangailte dá chéile: d'imthigh sí 'n-a blodhtachaibh. Deintear máillidhe an ghluaisteáin thar lear ach cuirtear lé chéile annso iad: na chómh-pháirteanna mar rothanna, crann iomchair, etc. etc. Leis an bpléasc do fuair an chloch ón órd d'imthigh sí n-a máillidhibh .i. 'n-a blúiridheachaibh beaga. Capall folláin seadh é i ngach máille dhe: i ngach ball dá bhallaibh. Bailigh suas na máillidhe sin go léir scaipighthe ar fuaid an urláir: blúiridheacha de rudaidhibh áirighthe. An teanga an máille is fearr ann: cainnt is fearr atá aige ar éaghmais gnímh.

maimín: *b.4.* ainm leinbh dá mháthair. B'fhéidir go gcuirfinn-se ag glaodhach ar do mhaimín thu: ag gol ar nós an leinbh. Deirtear ag leamh-aithris ar dhuine fásta gur furaiste spuaic nó míoshástacht do chur air. "Ó a Mhuire, a mhaimín! a mhaimín!

mainchille: (**muinirtle, muilirte**) *f.4.* an chuid sin de bhalcais a chlúduigheas an ghéag. Ón uair úd do thugas fiadhnaise a bhí 'n-a choinnibh, tá an chloch sa mhainchille aige dhom riamh ó shoin: an t-olc istigh aige dhom .i. ag cothughadh faltanais dom chun mo dhíoghbhála do dhéanamh nuair gheóbhadh an chao. Níl buaidhte fós air, ní bheadh iongadh orm dá mbeadh rud éigin 'n-a mhainchille aige: beart éigin réidh lé cur i bhfeidhm ar an uain oireamhnaigh. Bheast mhuilirtidhe. Ná bíodh sé id mhainchille agat do .i. ná bíodh aon droch-aigne agat do.

mainchilleach: *a.* go mainchillidhibh. An chasóg i bhfad ró-mhainchilleach duit: mainchillidhe flúirseacha móra do bheith uirthe.

máingeáil: (**máineáil**) *b.3.* snámhcán, gluaiseacht mhall, réidh, neamhthuiseacht. Cuir uait do chuid máingeála tímcheall an tighe, tá go leór leór oibre lé déanamh agat má tá fonn ort chúiche: neamhthuiseacht: gabháil tímcheall gan suim in aon rud. I leith a mháingeála dho nách é a dhruideas go dlúth ameasc cuideachtan .i. nár dhóigh leat ar an gclódh a bhíos fé go ndéanfadh sé é .i. é ghá theanntughadh féin 'n-a measc gan a leigeant air gur bh'é a thriall é. "Nách maith é i leith a mháingeála dho", deirtear lé duine ar dhéanamh ruda dho do chuirfeadh iongadh ort nó ná beadh coinne agat leis uaidh. Bímís ag máingeáil linn ar ár suaimhneas, ná cuirimís aon duadh orainn féin, tá an aimsir fada: go mall réidh. Dhera mhuise, níl puinn lé maoidheamh aige as a shláinte, aon rud ach gur féidir leis máingeáil lasmuigh: ag gabháil thart tímcheall gan é féin do chur chun duaidh. "Táir ag obair" – "ag máingeáil" .i. ag déanamh beagáinín. Ag máingeáil oibre, scríobhnóireachta, siubhail, rámhaidheachta etc.: ghá ndéanamh gan deabhadh gan imshníomh. Tá na leanbhaidhe ag máingeáil amach san dóibh féin: ag siubhal tímcheall gan aon chúram ortha. Beir ag máingeáil leis, dá dheacracht é, go mbeidh deireadh déanta agat, is dócha, ag baint smuit as mar fhéadfair.

máingeálaidhe: (**máineálaidhe**) *f.4.* duine saonta mar dheadh, duine glic sleamhain, a bhíos ag gabháil tímcheall lé súil rud éigin d'fhagháil ar bóiléagar. Máingeálaidhe breágh, slachtmhar é sin ná fuil faic ar sileadh leis, a thugann dhá thaobh an bhaile mhóir isteach sa tsoláthar: duine sleamhain, slím a bhíos ag brath ar a chaoi. Níl ann ach máingeálaidhe capaill nách mear ná lúthmhar: a bhíos ag gluaiseacht ar a shocracht. Tá

an máingeálaidhe sin tímcheall na háite ó mhaidean pé rud atá ar maoith aige: duine a bhíos ag snámhcán tímcheall, a's gan é de chuma air aon chúram do bheith air ann. Is mó máingeálaidhe a bhíos ameasc mórchoda lucht oibre ná deineann luach leathphingne ó scur leigeant: daoine a chuireas an lá isteach go bog. Bíonn mórán máingeálaidhthe ag triall ar an dtigh seo, ní bheadh a fhios agat cad bheadh ó n-a leath: daoine gan chúram.

máingeamhail: *a.* sotalach, tóirtéiseach. Ní gábhadh dhuit bheith chómh máingeamhail sin liom-sa a's ná labharfá liom, is minic a bhís a's gur mhaith leat agat me: mórdhálach: rómheastamhail ort féin.

maingisín: *f.4.* mála beag. Árduigh leat tú féin agus do mhaingisínidhe as mo radharc a's ná feicim choidhche airís thu: corr-rudaidhe. Maingisínidhe tailliúra .i. tómhas, méaracán, suisiúr, cailc, snáthad, snáithín etc. Dá mbeadh mo mhaingisín bailighthe lé chéile agam bheinn ag cur díom abhaile: pé rudaidhe beaga atá ceannuighthe agam. Ní lamhálfá dhom mo chuid maingisín do chur in aon charbad liom ar an dtraen: aistrighthe. Ghaibh sé tharm amach a's an trucaill lán de mhaingisínidhibh: beartáin bheaga. A mbíonn de mhaingisínidhibh 'n-a phóca aige, is ait an garsún é: a lia rud beag taidhbhseach gan tairbhe.

maingléis: *b.2.* bolmas, taidhbhse, gaigidheacht. Bíonn maingléis an domhain uile fé nuair bhíonn faic aige ná bíonn ag aonne eile, is iomdha duine go gcuireann sé in iúil do: gaigidheacht. Fén gculaith nuadh a bhí uirthe shiubhluigh an tsráid ó cheann ceann lé maingléis: go gcuirfeadh sí 'n-a luighe ar dhaoinibh go raibh a lithéid uirthe: taidhbhse.

maingléiseach: *a.* taidhbhseach, gaigeamhail. Táir ró-mhaingléiseach ag siubhal dom chun dul in aonfheacht leat: gaigeamhail: an iomad geámaidhe fút.

mainiris: (**mainithis**) an lá i ndiaidh an lae arbhú ambáireach. Indiugh, ambáireach, amanathar, amainiris.

mainistir: *f.5.* teach i gcóir manach. Beidh lán mainistreach ann: cuid mhór dhaoine. Fear ceart clampair é sin, chuirfeadh sé mainistir trí chéile .i. dá mhacánta manaigh chuirfeadh sé ag troid iad. Ní tigh é siúd ach mainistir: tigh mór, groidhe.

mainneachtain: *b.3.* (*-tna*) siléig, manaois, cur ar gcúl, faillighe, dearmhad gan choinne. Ná bíodh a thuilleadh mainneachtna i dtaobh na leitreach so d'fhreagairt, nó cloisfear ceól 'n-a taobh: siléig. Tá seanadóiridhe san Oileán Úr atá ag coimeád mainneachtna ar armáil do Shasana: moill. Ní lém thoil in ao'chor nár scríobhas chughat ach lé mainneachtain: dearmhad gan aon choinne agam leis. Is minic, minic a dheinim mainneachtain im pháidreachaibh: faillighe 'n-a rádh.

mainneachtnach: *a.* faillightheach, siléigeach, fuairtéach. An té a bhíos mainneachtnach san earrach bíonn a rian sa bhfóghmhar air: an té ná cuireann san earrach ní bhaineann sa bhfóghmhar. Briseadh as a chuid oibre i dtaobh bheith chómh mainneachtnach ag teacht isteach déidheannach: fuairtéach, gan aire cheart do thabhairt

dá ghnóth. Ní maith an cómhartha ort bheith níos mainneachtnaighe ar t'úrnaighthe 'ná ar do chuid oibre: níos neamh-dhíoghraisighe.

mainneachtnaighe: *b.4.* faillighe, siléig. Ní lé ceal eólais in ao'chor ná deinir do chúram ach lé mainneachtnaighe: faillighe: gan tú féin do thabhairt uirthe i gceart. Ná tabhair mainneachtnaighe it anam: ná dein siléig do bheith cúramach 'n-a thaobh. Féach an clódh atá ar do chuid éadaigh is í atá go neamhghasta, ná tabhair oiread mainneachtnaighe feasta ann: faillighe.

mainséar: *f.1.* iomar oscailte 'n-a gcuirtear furra chun capall a's eadála; corr. Tá sé ar nós an mhadra sa mhainséar: rud aige gan aon earraidheacht aige as a's nách maith leis a earraidheacht do bheith ag aonne eile. "Agus do rug sí mac, a céad duine clainne agus do chuir sí giobail cheangail 'n-a thímcheall agus do chuir sí 'n-a luighe i mainséar é, de bhrigh ná raibh áit aca sa tigh ósta" (Lúcás II. 7). D'íosfadh sé mainséar prátaidhe leis an ngoile atá aige: cuid an-mhór.

maintín: (**meaintín**) *b.2.* bean déanta éadaighe ban.

maintínteacht: (**meaintínteacht**) *b.3.* ceárd déanta éadaighe ban. Cad í an mhaintínteacht atá ort leis an inneall san? budh dhóigh lé duine gur ag fuaghadh sean-ghiobal do bheifeá: priocadghail: teangmháil gan éifeacht.

mairbhe: *b.4.* neamh-anamamhlacht, neamh-éascaidheacht, truime (cnámh), neamhchumas. Mairbhe éigin orm ná brathaim aon tapa im bhallaibh: spadántacht. Tá mairbhe an chodlata ag teacht air: suaimhneas. Is mór an mhairbheacht atá tagtha ar an lá: pé gaoth a bhí ann tuitighthe. Mairbheacht is mó atá ag cur air: gan aon anamamhlacht do bheith 'n-a chorp. Mairbhe im mhéireannaibh gen bhfuacht nimhe atá ann: gan aon bhraithstint do bheith ionta. Pé mairbhe atá ar imtheachta an chogaidh san Eóraip fé láthair tá gach aon deallramh go bhfuil na cómhachta cómhraic ar barrghail ionsaidhthe troma anois: bóiléagar: maille: ceal fuinnimh. Lé n-a mhairbhe ar bóthar chlipfeadh sé thu bheith ag feitheamh leis: maille neamh-phreabamhlacht gluaiste. Choidhche ní dhéanfadh sé dóirneálaidhe maith, tá an iomad mairbhe ag baint leis: rómhall fé n-a bhuille.

mairbhiteach: *a.* neamh-phreabamhail, neamh-phraitineamhail, mío-thapaidh. Buillidhe mairbhiteacha ná marbhóchadh cuil atá agat: gan preab ná praitineamhlacht. Thoir ná thall ní bhfaghaim aon rud do dhéanamh lem inchinn mhairbhitigh indiugh: dúr, neamh-éascaidh. Rinne sé sutha dhe féin lé biadh, dá dheascaibh go bhfuil sé mairbhiteach: trom, mall, mío-lúthmhar. Lá múchta, mairbhiteach a chuirfeadh ó obair duine: go mbeadh duine ag tuiteam dá chodladh dá aindeóin.

mairbhitighe(acht): *b.4.* $_{7}$ *3.* támh, toirchim, neamh-anamamhlacht, tnáidhteacht. Ní fuláir nó tá athrughadh aimsire air ar a mhairbhitighe atáim indiugh ar éigean is féidir liom mo shúil do choimeád gan iadhamh: me gan aon phreab im bhallaibh. Deoch róthrom í sin, chuirfeadh sí mairbhitighe ort dá luighead d'ólfá di: neamhfhonn aonnidh do dhéanamh. Tháinig mairbhitighe im ghéagaibh ó strus oibre ná féadfainn cor do chur

díobh: díth mbrigh: tnáidhteacht: ní raibh áis éascaidh ionta. Ná bíodh eagla ort go mbeidh aon mhairbhitighe air sin ag gluaiseacht nuair chídhfear do go mbeidh rud dá bharr aige: dúire cuirp: doicheall corruighthe.

mairbhleach: *a.* dúr, lag, neamhbhríoghach, dúr, neamh-theadhlach. Gach duine dhíobh san a itheas an iomad bíonn goile mairbhleach aca: lag: anbhfainneach. Ní mór é a ghaisce ar aon obair, tá lámh mhairbhleach aige ná fuil brigh an speáin innte: lag. Mo ladhracha mairbhleach ag an bhfuacht ná féadfainn breith ar aon rud leo: gan aon teadhal ionta.

mairc: *b.2.* riasta, rian gortuighthe cneasuighthe, "mullach", cunntas. Fágfaidh an galar béil a's crúb so mairc ar na feirmeóiridhibh ar a bhfuil de stoc máchailighthe aige: rian dochrach. Fan siar ó roth an innill sin, nó fágfaidh sí mairc ort: máchail: gortughadh follus don saoghal. Pé rud a thuitfeadh amach nó pé áit bheadh sé 'sa mhairc air (ges na daoinibh): sé do chúiseófí leis. Bítear sa mhairc ag baile air, síoth ná suaimhneas ní bhfaghann: sa "mhullach". Mairc chloidhim air ó chúinne a bhéil go cluais: méiscre, airdhe, reang. Fíné ar an méid bruigheanta do chuir sé dhe na mairceacha atá air: comharthaidhthe a fhanas ar an gcroiceann tréis cneasuighthe a's cruaidhte dho féin a's don bhfigheachán fé thíos. Ní fhéadfainn díol as an earra so indiugh cuir sa mhairc orm í: i leabhar an chunntais. Bliadhain gan beatha a's ar na feirmeóiridhibh gach rud do chur sa mhairc ortha féin .i. a dtriall do bheith ar an siopa agus cáirde. Chómh haerach lé miúil go mbeadh mairc uirthe: díomhaoin dá dheascaibh 'sag caitheamh a tóna .i. ghá haoibhneas féin. Chaith na tuinncéiridhe an lá sa mhairc ar mo shean-chapall: d'iarraidh é do cheannach uaim .i. ní fhágfaidís olc ná maith é. Is é an t-ól a fhágas mairc ar a lán: iarsma shoiléir ná tagaid uaidh. (Ní hionann an focal "mairc" agus "marc" annso againne). Sheirbheáil na Gárdaidhe é lé hoibriughadh capaill go raibh mairc ar a thosach fén mbrághad: gearb. Dréir an chraolacháin, tá mairc ar mhairc dhá chur ar luingeas tráchtála: dochar ar bhun dochair dhá dhéanamh dóibh.

mairceach: *a.* riastach, feanta, spólta, tinn-chneasach, méiscreach. Tóg as mo radharc do chapall mairceach, budh cheart an dlighe do chur ort é do ghabháil .i. go bhfuil baill go flúirseach ann a's an croiceann imthighthe dhíobh. Ní thagann do shrón mhairceach dhuit .i. ní sciamhaighe thu an croiceann do bheith imthighthe dhi. B'í an Fhrainnc a bhí go mairceach tréis an chogaidh cheana .i. créachta móra, gránda sa talamh, tighthe a's bailte leagtha.

maircréal: *f.1.* iasc in-ithte go mbolg gléigeal, drom glas-liath a's síogaidhe dubhghorma; ronnach; ranga. Síogaidhe maircréil sa spéir.

Máire: *b.4.* ainm bhaineannaigh. Ná bí ag déanamh Máire Ní Ógáin díot féin .i. an iomad cainnte a's gliogairnéise do bheith agat: ag déanamh óinsighe dhíot féin. Ag imtheacht 'n-a Mháire Ní Ógáin ó thigh go tigh ar lorg an ruda so a's an ruda úd: 'n-a léabóig: 'n-a óinsigh. Máire bheag .i. Maire, inghean do Mháire (mhór) .i. máthair.

máireach: *f.1.* an lá i ndiaidh an lae indiugh. "Tair ambáireach" a bhí aige liom .i. ag cur ruda ar gcúl. Tabhair rud do ghárlach a's tiocfaidh sé ambáireach .i. airís a's airís. "Níl sa

tsaoghal so ach ó indiugh go dtí ambáireach" .i. ní fios d'aonne cathain glaodhfar air: beatha ghearra seadh í. Dhéanfadh seisean an rud céadna ambáireach airís .i. duine gan aon athrughadh seadh é: gan iontaoibh. Ní tháinig an lá ambáireach fós .i. ná bítear deimhnightheach d'aon rud atá romhainn .i. an bheart láithreach an bheart. Ní thiocfad Dé Luain ach tiocfad (lá) ar n-a mháireach .i. De Máirt. Má deirir amáireach le muir beidh an lá amáireach fliuch .i. má cheapair turus 'n-a chóir is dóichighe 'ná eile go mbeidh fliuch (neamhoireamhnach). Ní bhfaghainn go dtí máireach féin uaidh .i. aon cháirde. Is amhlaidh mar tá againn – go bocht ag cur an lae indiugh leis an lá máireach: ón láimh go dtín mbéal.

maireachtain(t): *b.3.* beatha, saoghal, slighe bheatha. Áit róbheag, ródhealbh seadh é níl maireachtaint beirte ann: beatha: ní thabharfadh an oiread tortha a's go mairfidís air. Is deacair maireachtaint do bhaint as an bhfarraige ar a luighead atá ar iasc a's a ghainne tá sé: slighe bheatha. "Connus tá sé ag maireachtaint in ao'chor ó chaill sé a shlighe" – "ar a dhóchas atá sé ag maireachtaint" .i. lé súil go dtiocfaidh rud éigin a fhóirfidh air. Tá sé 'n-a mhaireachtaint fós ach sin a bhfuil ann, níl dóthain na hoidhche ann: n-a bheathaidh. Cá bhfuilir ag maireachtaint anois?: curtha fút ag caitheamh do bheatha. Ag maireachtaint ón láimh go dtín mbéal: mar deintear ithtear é. Cuirfidh an droichbhiadh san ó mhaireachtaint thu .i. cuirfidh chun báis. Dá mbeitheá ag maireachtaint ar an éitheach riamh tá an fhírinne anois agat .i. dá mbudh innsint éitigh do shlighe bheatha etc. Chídhim go bhfuil an t-áiteamh ar maireachtaint fós eadraibh .i. sibh ag coimeád cothuighthe air. Ní thabharfadh sé lé rádh go mbeadh a mhaireachtaint ar aonne .i. go mbeadh ar aonne é do chothughadh. Chuadar chun maireachtana i dtigh beag: cómhnaidhthe. Ní tuarastal maireachtana púnt sa tseachtmhain ar a dhaoire tá gannaidhe .i. ní féidir do dhuine é féin do chothughadh air. Maireachtaint seadh ach sí an bheag-mhaireachtaint í ar phúnt sa tseachtmhain: suarach. Ag maireachtaint ar a ghliocas do riamh .i. go mío-mhacánta. Tá sé ag maireachtaint mar is dual do: mar tá cáil air .i. mar an gcéadna i gcómhnaidhe. Bhainfeadh sé maireachtaint as aon rud in aon áit .i. dhéanfadh sé oiread agus chothóchadh é .i. go maith chun an tsaoghail. Sin í an mhaireachtaint chumhang atá annsúd aca – ní mór an trácht do bhíonn aca .i. slighe bheatha nách féidir maoidheamh aiste. Cé chreidfeadh go ndéanfadh aon long maireachtaint sa stoirm úd .i. éalódh ó bháthadh. Dhe, beimíd ag maireachtaint linn: ar ár ndícheall pé anacair a bhéarfaidh orainn. Táim thar maireachtaint agat: gheóbhad bás mar gheall ar a bhfuil déanta agat liom.

mairg: *b.2.* brón, diachair, truagh, ciotaighe, gearán, buadhairt, meadhrán, ísle bhrighe; mío-dhóchas; mímhisneach, dochma. Mo bhrón indiugh a's mo mhairg ambáireach .i. goilleann sé orm indiugh agus leanfaidh a dhiachair. Nuair cloistear nó chídhtear rud gan deallramh nó gan dath deirtear, "mo bhrón indiugh a's mo mhairg ambáireach" .i. tá fuar. "Is mairg tigh ná taithighid fir" .i. tighthe ar an bhfán seadh iad: is truagh iad. "Is mairg inghean mar bhean tighe" .i. an tigh a bhíos ag brath uirthe (tréis bháis na máthar) bíonn thiar air .i. choidhche ní dhéanfadh sí ionad na máthar. Níl mairg sa tsaoghal air: aon rud ag déanamh buadharta aigne dho. Is mairg a bhíos fé ghábhadh ge n-a mhnaoi tighe a's gan aonne ar talamh is measa ná í. Is mairg a báidhtear lé linn na hanaithe, a's go dtagann an ghrian tréis na fearthainne: is truagh mór. Is mairg ná toilleann ar an dtaobh chluthair den gclaidhe: bíonn thiar ar an nduine ná faghann slighe ameasc na flúirse. Is mairg a

loiteann lá maith lé drochmhaidin .i. ciotaighe mhór do dhuine ná téigheann i bhfeighil a ghnótha go luath, pé olc maith a bheadh an uain. Mo mhíle mairg nár chuala é ag cúlchainnt orm: mo mhíle truagh .i. gheóbhadh sé rud lé tabhairt do. Cad í an mhairg atá anois ort?: cad is féidir liom do dhéanamh duit?: cad tá ag déanamh mearbhaill duit. Is mairg an té a bhíos gortach, a's dealbh 'n-a dhiaidh .i. is truagh é ar a shon féin. Is mairg a bhíos dealbh: truagh mór na boicht. "Deirid gur b'iad an fhuireann is fearr a sheasaimh ar pháirc iad" – mo mhairg! (a's mo bhrón mór go raghad 'on talamh) .i. tá deallramh leó go deimhin! is fada buidhe uaidh iad. Leig do féin anois, ná cuir aon mhairg air, tá sé an-mhío-shásta: ná habair a's ná dein faic a mhúsclóchadh é. Bhuail sé thu? ní chuirfeadh sé aon mhairg air: níor dheacair leis sin .i. budh aige é. Ní haon mhairg airgead aige: tá sé briosc fé. Na mairgidhe móra bhíonn air ná bíonn ar aonne eile, budh dhóigh leat gur cruthnuighead i gcóir an anróidh é: gearán a's ceas air ar mhágáine. Is mairg a iarrfadh ciall ar leanbh, ná fuil a fhios agat é bheith ró-óg chun rud do thuisgint 'n-a cheart: baois a cheapadh. Is mairg ná deineann cómhairle deaghmhná: is cúis aithreachais a's aithmhéala é. Is mairg ná néann a leas a's droch-chuideachtaidhe do shéanadh .i. an té ná néann beidh sé in aithreachas de dheascaibh a dhíoghbhála. Dálta an scéil, is mairg duit nár fhan leis mar gheall ar a gcaillfeá leis .i. ní cuibhe thu é. An mairg leat an t-ualach san?: an gcuireann sé duadh ort? Níor bh'aon mhairg aige, seal, dathad míle do shiubhal: ní bheadh aon chur siar air 'n-a dhiaidh. Tá mairg éigin air lé déidheannaighe, tá sé dorcha, coimhtheach: rud éigin ag cur ar a aigne. Is iomdha mairg do leanann an bás: buaidhreamh. Ní dhéanfair aon mhairg fanacht mar a bhfuilir ach bheith socair: ciotaighe. Is mairg nách cómhairlidhe dho a bhean: dob fhearrde fear fios a rúin do bheith ge n-a mhnaoi. Is mairg go mbíonn buanna iasachta aige .i. is truagh an té go mbíonn cothughadh daoine air ná bíonn fáilte rómpa ná cuireadh. "A mhairg don droing a cheanglas tigh do thigh agus a chuireas machaire i gcionn machaire etc." (Iosai V. 18): díolfaid as. "A mhairg don droing a ghoireas don olc maith agus don mhaith olc, etc." (Iosai V. 20): beidh brón dá chionn ortha. "Is mairg don té a thiocfadh idir chlann aon mháthar" .i. ní raghaidh as go saoráideach. "A mhairg don chlainn cheannairigh, adeir an Tighearna a ghabhas cómhairle agus nách uaim-se, etc." (Iosai. XXX. 1) .i. a thruagh go dealbh iad san. Ní dheárna sé mairg d'aonne riamh: díth: díoghbháil. Is mairg a dhein ádhbhacht dá shaoghal, óir ní scéal grinn ná adhbar magaidh é .i. a chaitheas go neamhshuimeamhail 'n-a chrích é. Is mairg bhíonn go holc a's a bhíonn go bocht 'n-a dhiaidh .i. cuireann an saoghal in iúil do gur bhaois gan bheith mar budh cheart do. Is mairg ná bíonn sásta lé n-a chuid féin: an té a bhíos ag canntáil an rud nách leis is baoghalach do tráth éigin. Tá mairg orm ná deaghaidh 'on tsochraid sin: aithreachas: goilleann sé orm. Cad é an mhairg atá orainn indiugh ná fuil iasc againn: iomard: máchail. Imtheóchair fé mhairg mara n-iomcharuigheann tú thú féin: fé mhío-áthas.

mairgeach: (**mairgeamhail**) *a.* brónach, aithmhéalach, aithreachasach, cráidhte, anacrach, duairc. Lá mairgeach agam-sa é mé chailleamhaint mo bhearta: lá bróin. Budh mhairgighe í tréis bháis a hathar ná tréis bháis a máthar, luigh sé go mór ar an gcroidhe aige: budh mhó do ghoill sé uirthe. Táim an-mhairgeach i dtaobh na tubaiste d'éirigh duit, is oth liom go mór thu: goilleann sé orm. An-mhairgeach roimis an mbás atáim: dochma mór agam roimis. Spéir mhairgeach í sin, ní thiocfaidh aonnidh cóir aiste: scamallach; chuirfeadh sí duairceas ort féachaint uirthe. Baile mairgeach é seo, achrannach, crosta: anacair lé hoibriughadh. Obair mhairgeamhail an oidhche do

chaitheamh ag iascach ar thóin báid: duaibhseamhail. Budh neamh-mhairgeamhail leis siúd bréag do chur ort .i. níor bh'aon dochma leis é.

mairgeamhlacht: *b.3.* duairceas, brón; murtallacht; smúiteamhlacht. Tá mairgeamhlacht sa spéir laistiar: smúiteamhlacht. Cuireann sé mairgeamhlacht orm fén mbóthar lé n-a fhaid a's olcas an lae: dochma: neamhfhonn. Duine faidtheadhlach ná tagann mairgeamhlacht go bog air: fulang aige ar aon rud do chur duairceas croidhe air. Nár dhóigh leat go raibh ádhbhar éigin mairgeamhlachta air as a rinne sé de mhí-iomchar: aithreachas: duairceas. Ná bíodh aon mhairgeamhlacht ort i dtaobh na bhfiach atá agam ort: ná goilleadh sé ort.

mairgnighe: *b.4.* brón, duairceas. Beidh mairgnighe ar thíorthaibh tréis an chogaidh seo ar a bhfuil de scrios dá dhéanamh: bochtnacht a's brón. Mairgnighe ar bith ní chuirfeadh faic air, fiú amháin an tigh do thuiteam air: goilleamhaint: ní raghadh aon dochar 'n-a luighe air.

mairim: *b.a. 7 n-a.* caithim mo shaoghal (beatha), táim beó, cómhnuighim, fanaim, áitrighim, bainim aoibhneas as, lonnuighim. Má mhairim beó (chómh dearbhtha a's mhairim) is tú mac mo dhreathár ná feaca riamh .i. tá sé buailte isteach im aigne go daingean .i. ní féidir dearmhad do bheith air. Ní fheadair leath an tsaoghail connus a mhaireann an leath eile .i. mar chaithid a mbeatha, bocht nó saidhbhir. Mair, a chapaill, a's gheóbhair féar .i. bheith ag brath ar rud éigin lé teacht ná fuil deimhin air. Aonne a mhair (mhaireas) ní raibh ann ach me féin: neach. Go mairir a's go gcaithir do chulaith nuadh: faid is beó í gur beó dhuit-se agus a haoibhneas agat. Ó, mhuise, a dhroichbhéasa, go mairidh tu: nár scaradh siad leat. Mar déarfadh an té ná maireann .i. ná fuil beo. Mairfeam araon bliadhain eile, bhainis as mo bhéal é, bhíos chun an rud céadna do rádh .i. guidhe adeirtear nuair labhras duine rud go mbeadh duine eile ar thí a labhartha. Is é fear grinn is mó annso é, mhairfeá ag éisteacht leis: bhainfeá aoibhneas an domhain as. Ní mhairfeadh na daoine sin gan bheith gortach: sin é an mianach atá ionta. An mairfeá gan bheith bruigheantach?: an mbeifeá sásta it aigne? Beidh airgead, etc. gen té a mhairfidh: is cuma dho dhuine puinn ach bheith 'n-a bheathaidh. Dá maireadh an long farraige an lae sin bheadh dul aice ar éirghe léi: dá mbeadh sí gan báthadh. Is mairg a mhaireann lé hearrach an deigh-gheimhridh: ní gnáthach deigh-earrach do leanamhaint geimhridh bhreágha. Sláinte na bhfear a's go mairidh na mná go deo .i. pé iomard nó buaidhreamh a thagas ortha go gcuirid díobh é. A chníopaire diabhail, ní mhairfeá gan bheith ag cnáimhseán: ní fhéadfá stad de. "Is é an té ná maireann ná baineann an t-iasacht as" .i. ní féidir le duine marbh aoibhneas do bhaint as an saoghal .i. faid mhairean bainimís subháilceas as. Nár mhairead (gur fíor é) .i. dearbhughadh leis an rud a deirtear. Ní har an aer a mhaireann aonne .i. caithfidh an beó biadh do bheith aige. "Canfad sailm dom Dhia an feadh mairfead" (Sailm CXLVI. 2): do shíor. "Agus adubhairt sé le hAbnear cé dár mac an t-ógánach so? agus adubhairt Abnear, mar mhaireas t'anam, a rí, ní fheidir mise sin" (1. Sam. XVII. 55) .i. chómh cinnte a's tá anam ionat. "Ar scáth a chéile mhairid na daoine": is féidir leó a mbeatha do dhéanamh. "Connus mhairfidh bacaigh?" deirtear nuair bhíonn gustalacha ag cnáimhseán. Má mhairimíd beó chídhfeam malairt saoghail .i. athróchaidh sé go dearbhtha. Ní mhaireann sé an rud a dhéanfadh maitheas do: níl sé ann. Ar an dtóin atá theas aige mairfidh an cioth a i bhfad: leanfaidh de. Ná maireadh olc agat

d'aonne: ná cothuigh é: ná coimeád istigh é. Mairim 'n-a measc, sin a bhfuil .i. bím ag stríocáil liom mar cách. Maireann an chraobh ar an bhfál ach ní mhaireann an lámh a chuir .i. fagaimíd an uile rud 'n-ár ndiaidh: is buaine ár ngníomhartha 'ná sinn féin. Is fada mhairfidh cuimhne an lae aoibhinn úd agam: fanfaidh sé istigh im smaointibh. Ná bí ag tnúth annso, mair ar do chuid féin: pé easbhaidh nó ceal atá ort faigh ar t'fhagháltas féin é. Imthigheann an spré leis an bhfaill, ach maireann an bhreill ar an mnaoi: caithtear an t-airgead a gheibhtear léi ach fanann a locht uirthe.

mairneadh: *f.* (*-rnthe*) machtnamh. Shuidheas ar imeall an locha ag déanamh mo mhairnthe: ag machtnamh: mo smaointe ag rith ar mhórán nidh.

máirnéalach: *f.1.* fear farraige, maraidhe. Is olc an máirnéalach a dhéanfainn, táim claon lé breoidhteacht fharraige .i. ní bheinn róchródha ar muir. Máirnéalach luinge .i. ar luing thráchtála nó cogaidh. Súil mháirnéalaigh .i. géar, eolgaiseach ar an aimsir.

máirnéalacht: *b.3.* gairm an mháirnéalaigh. Lé máirnéalacht a chaith a shaoghal: ar muir.

máirseáil: *b.3.* cóimhshiubhal comhthrom, cóimhchéimeacht líon fear, go mórmhór fir in éide mar saighdiúiridhe; an t-achar a shiubhalóchadh arm in áirighthe aimsire; sraithidheacht; ag gabháil tímcheall go neamhaistearach nó mar bheadh ar tí ganfhiosaidheachta. Téighimís ag máirseáil: ag siubhlóid go neamh-aistearach. Cad é an mháirseáil atá air sin tímcheall an tighe seo? .i. go bhfuil sé ag gabháil tímcheall gan ghnóth a's mar bheadh ag faire ar rud éigin d'árdach leis. Aithnighim ar an máirseáil atá air go bhfuil rud éigin ar maoith aige: ar a chorrathónaighe atá sé ag gabháil tímcheall. Cad tá agat dhá dhéanamh indiugh? faic, ag máirseáil: ag gabháil tímcheall go neamhghnóthach. Cuir uait do chuid mháirseála a's dein rud éigin: díomhaointeas. Fonn (tiúin) máirseála: ceól go ngluaiseann sluagh saighdiúiridhe leis. Máirseáil éigin: gluaiseacht níos sia 'ná an gnáth-aistear lé gábhadh nó lé healadhain chogaidh.

máirseálaidhe: *f.4.* duine a mháirseálas, a ghluaiseas ó áit go háit go neamhchúramach, neamh-aistearach nó ag ganfhiosaidheacht. Aon mháirseálaidhe fir mar é ní bhfaghfá ar t'aithne: gan a shuim i dtigh ná i dtreabh. Drochfhuadar fén máirseálaidhe cait sin .i. cat a bhíos ag gluaiseacht ar fuaid an tighe ar lorg ruda. Is é an máirseálaidhe é, bhuailfeadh leat indiugh annso a's na mílte ó bhaile ambáireach: duine a bhíos ar síorlorg.

máirseálaim: *b.a. 7 n-a.* gluaisim, siubhlaim go neamh-aistearach. Máirseálaimís, tá eaga go leór caithte annso againn: gluaisimís as so. Mháirseáil na gárdaidhe 'on bhráca é: d'árduigheadar leó.

mairtéal: *f.1.* meascán aoil, gainimhe a's uisce chun cloch nó bríce do dhlúthughadh lé chéile; cré shuarach, neamhthorthamhail. Mairtéal ar fad bonn na talmhan san, is fada ó chruithneacht do thabhairt é. Ag suathadh mhairtéil: ghá cur trí chéile a's ghá déanamh lé cur i bhfalla. "Bíodh go mbrúighfeá amadán i mairtéal ameasc cruithneachtan le smíste tharais sin ní dheileochadh a amadántaidheacht leis" (Seanráidhte XXVII. 22): árus cruinn miotail, cloiche no poircleáin 'n-a mbrúightear cogusaidhe etc.

mairtfheóil: *b.3.* feóil bó nó daimh. Mairtfheóil na mara an langa: an t-iasc is fearr.

mairtíneach: *f.1.* bacachán; cláiríneach; duine martruighthe. In a mhairtíneach ge dathachaibh: gan áis a chos. Déanfaidh an chneadh san mairtíneach díot: cuirfidh ó shiubhal a's ó rian thu. "Fán am san do bhí duine áirighthe i Liostra 'n-a shuidhe ag nách raibh a cosa ar a chumas, do bhí 'n-a mhairtíneach ó bhroinn a mháthar, agus nár shiubhail riamh" (Gníomhartha XIV. 8).

mairtír: *f.5.* (**mairtíreach** *f.1.*) duine a fhuilngeas pian, tinneas, nó bás go toiltineach ar son cúise, duine a fhuilngeas bás ar son claoidhe lé creideamh Críostaidhe; duine a dheineas dian-fhulang. "Agus an uair doirteadh fuil do mhairtír, Stiofán, do bhí mise i láthair agus d'aontuigh mé chun a mharbhtha agus do choimeád me éadaighe na muinntire a mhairbh é" (Gníomhartha XXII. 20). Leabhar na mairtíreach.

mairtíreacht: *b.3.* fulang nó bás mairtírigh; fulang mór. Tá mairtíreacht air má bhí ar aonne riamh ag an mnaoi ciapuighthe atá aige: crádh a's buaidhreamh.

mairtrighim: *b.a.* cuirim chun báis ar son claoidhe lé creidsin éigin, céasaim. Do mairtrigheadh iad ar son a gcreidimh: cuireadh chun báis iad.

maise: *b.4.* áilne, taithneamhacht, tairbhe, maitheas, conách, séan, deighiomchar, rud cuibhe. Adhlacadh indiugh iad, gur maith an mhaise dhóibh é: gur fearrde iad é .i. ar neamh go raibh a n-anam. Is iomdha san rud a bhí aige go héagcórach a's níor mhaise é san .i. níor roghaide é: ní raibh pioc den tséan air dá bharr. Thuit sé isteach 'on bhfarraige a's gan buille snámha aige, budh mhaith an mhaise sin ag fear a bhí láithreach é, thuit sé féin isteach 'n-a dhiaidh a's shaor é: rinne sé beart ionmholta, fhearamhail. Phósadar indé, gura maith an mhaise dhóibh é: go n-éirighidh sé leó. Is maise liom an bheart ghalánta atá déanta agat: taithnigheann do ghníomh go mór liom. B'olc an mhaise dhuit é d'eiteach, duine nár eitigh riamh thu: níor chuibhe dhuit é. B'olc an mhaise dhom dul ann ar a raibh dá bharr agam, .i. b'fhearr dhom go mór gan dul ann. Is caillte an mhaise dho nár thug cuireadh do bhuachaillidhibh an bhaile an lá phós sé: budh náireach an ghníomh do é. Ní imtheóchair féd mhaise má bhír ag meargadh fúm: má bhír ghom spriogadh is é do dhán imtheacht gan puinn buidheachais agat ort féin. Bhur sláinte go léir, a's go mbeiridh an dtacaid seo airís fé mhaise orainn go léir: go mbí an rath orainn an tráth san. Chuirfeá maise ar do thigh dá gcuirfeá dóirse nuadha air: feabhas agus breághthacht. Ní mór ná ní molta an mhaise d'aonne bheith d'iarraidh brabúch d'fhagháil: ní taithneamhach é in ao'chor. Chaith sé crobh airgead ar an gconntabhairt a chuir maise uirthe: a thug deallramh maith uirthe. Mara mbeadh ar dhein mo chuid airgid de mhaise dhóibh bheadh gearb ortha indiugh: de mhaitheas. Táim fé mhaise agat an méid sin duaidh do bhaint díom: fé chomaoin. Maise a's fóghnamh don ndúthaigh earrach maith do bheith againn: tairbhe a's cabhair. Ní maise liom-sa do bhuaidhreamh: ní háthas. Duine thusa ná taithnigheann do chómhluadar lé haonne mar ná fuil maise béas ag baint leat: taithneamh béas .i. gan bheith mín so-labhartha. Spré ar bith níor ghábhadh dhi ach a maise: a háilne. Ní fheadair aonne ach an mhaise a bhíos i ndigh the nuair bhíonn fuacht

ar dhuine: an mhaitheas. As a mhaise féin do rinne sé é, ní hamhlaidh go raibh buannacht ná goth air: as a mhaitheas nó a fheabhas féin.

maiseach: *a.* deallramhtach, dathamhail, sciamhach, deigh-inneallta, tairbheach, cubhaidh. Siopa daor é sin ar na héadaighibh maiseacha atá sa fuinneógaibh: baill áluinne. Lá maiseach go maith atá agat, a fhir bhoicht, go bhfuil do chúpla púnt tréis do dhuaidh agat: tairbheach. Is maiseach a iomchair sé é féin d'aindeóin a ndubharthas go mícheart, binbeach 'n-a choinnibh, gan olc ná líonruith do theacht air: mar budh chuibhe do dhuine uasal. Fallaidhe maiseacha fé pheictiúiridhibh áluinne: órnáideacha: slachtmhara. Fear maiseach dómh-sa é sin, is iomdha draip gur shaor sé me as: tairbheach, maitheasach. Tugann an chulaith sin cuma an-mhaiseach uirthe: deallramhtach, inspéise. Más maiseach duit deoch bíodh sí agat: más mian leat í.

maiseacht: *b.3.* áilne, taithneamhacht, sciamhacht. Cá bhfuil an mhaiseacht innte go mbítear ag maoidheamh as?: níl córaidheacht cuirp innte ná gnaoi gnúis: áilne: sciamhacht. Lé maiseacht an chapaill, im shúilibh-se, seadh mholas dóibh geall do chur as: an clódh snasta, slachtmhar. Dá bhfeictheá é sin ag itheadh, níor lé maiseacht é, cuirfead sutha muice i gcuimhne dhuit: ar chuma a thaithneóchadh leat. A mhaiseacht a bhí an gort curtha aca, b'é scáthán súl an cheanntair é: a shnastacht 'sa bhreághthacht.

maiseamhail: (**maiseamhach**) *a.* dathamhail, sciamhach, taidhbhseach, blasta, bláthmhar, slachtmhar. Mná maiseamhla, go mbíonn a fhios aca ní haon dóighthín iad: mná breághtha is deacair a n-ionnramháil. Níl aon bhaoghal ná gur thugais leat go maiseamhail an bronntanas: (leamhas) go taidhbhseamhail, toirteamhail. Má fuair sé leathchéad púnt de bharr a dhuaidh fuair sé suim mhaiseamhail: toirteamhail: gurbh fhiú d'áireamh. Lá maiseamhail é seo chun aon tsaghas gnótha do dhéanamh, grian bhreágh ann: aoibhinn. Is iomadha droch-rud déanta agam, ach an rud budh neamh-mhaiseamhla orm gan aon aithreachas do bheith orm 'n-a dtaobh: is neamh-thaithneamhaighe: is míochuibhe. Féachaidh air sin mar bhradán, dar fiadh, tá sé agat go maiseamhail: go toirteamhail: gur fiú maoidheamh as. Riamh níor chuir sé a lámh in aon rud gan é do dhéanamh go maiseamhail: galánta: rian maith láimhe d'fhágaint air. Níl sé ag siubhal na sráide fear is maiseamhla céim 'ná é: is córaighe a ghluaiseas. Imirt mhí-mhaiseamhail í sin, bheith ag ceileabhradh: imirt ná taidhbhsigheann creideamhnach.

maiseamhlacht: *b.3.* taithneamhacht, breághthacht, líomhthacht, dathamhlacht. "Ní bheirbhigheann an mhaiseamhlacht an corcán" .i. ní hé breághthacht an duine a fheabhas ar fad. Maiseamhlacht a chuid cainnte a thaithnigh liom, shaoileas nár chuala riamh bréithre budh bhlasta 'ná uchtach chómh ceólmhar: snastacht, blas, líomhthacht a's soiléire. Ní raibh súil láithreach ná go raibh sáidhte innte lé maiseamhlacht a gluaiseachta mar bhád: líomhthacht a's éascaidheacht: taithneamhacht a himtheachta. Sin alt ag trácht ar fhilidheacht go bhfuil maiseamhlacht ann: blas, sníomhacht, deaghchúmthacht agus córaidheacht. Ní léd mhaiseamhlacht atáim ghá thabhairt duit: a fheabhas do thaithnighir liom.

maiseóg: *b.2.* carn, cnocán. Choimeádas maiseóg chun síl: ádhbhar prátaidhe curtha i dtaisce. Aon easbhaidh ní bhéarfaidh ortha súd, dá dhéine goilleamhaint an chogaidh, tá na maiseóga óir aca: cnocáin.

maisighim: *b.a.* breághthuighim, slachtuighim, áilnighim, sciamhuighim, bláthuighim. Maisigh an bórd más mian leat imirt: cuir síos airgead. Mhaisigh an t-aol, dá luighead é, crot an tighe .i. chuir níos mó so-amhairce air: budh taithneamhaighe é dá bharr. Maisigheadh go maith do shrón leis an mairc sin uirthe (seanbhlas): breághthuigheadh í. In ainm ar bhain leat maisigh tú féin, sara ngaibhir amach ameasc na ndaoine gan scuabadh, gan bearradh .i. tabhair clódh glan, slachtmhar ort féin. Maisigheann an hata príomhaidhe sin go mór thu: tugann breis chuma ar do chlódh: is iontsuime agus is córaighe go mór t'imtheacht dá bhárr. Mara mbeadh an tslighe do mhaisigh sé lé n-a chuid airgid me bheadh an scéal go bocht agam: a theanntuigh sé liom. Ní mhaisigheann mionna móra aonne: ní taithneamhaighe duine 'n-a dtaobh.

maisle: *b.4.* máchail, gortughadh, goin, easonóir, achmhusán, aithis, droichmheas, tarcuisne, easmailt. Maisle air mar bhás, is é d'fhág go huaigneach, aonarach mé: máchail air: mo mhallacht. Maisle chugham-sa an t-amadán nár luigh ortha, nuair fuaireas an deis, mar luighid sinn orm-sa anois .i. máchail atá tuillte agam .i. tá cion mo dearmaid i gceart agam. Dá mbeadh rud ag crádh dhuine nó ag dul 'n-a choinnibh, déarfadh sé, "maisle chughat" .i. mío-rath ort. Maisle chuige nár fhan tamall beag eile maran air a bhí an deabhadh (míoshástacht): tairbhe a imtheachta nár ghabhaidh sé. Nách maisle mhór dhuit a rádh leis an nduine sin ná raibh aon chúram im thigh-se dho: cainnt tharcuisneach. Níl aon bhaoghal air ná gur breágh an bhean í, ach cá bhfios ná go bhfuil lochtaidhe uirthe, nár airighis ná raibh riamh maise gan maisle .i. dá thaithneamhacht rud go mbeadh máchail nó díth éigin air. Mara bhfuil maisle anois ort tréis an tuitim atá fachta agat, is tú is ádhmharaighe ar domhan: gortughadh. Ar an gcróidhlidhe siubhail atá ann tá maisle éigin air: máchail nó gortughadh cuirp. Maisle chuige, an rud sprionnlaithe, maran mór aige scilling: greadadh chuige: beag-mhaitheas go né dho. Maisle ar an eaglais a haitheanta do thoirmeasc: táire: tarcuisne: oilbhéim. Is breágh an lá dho é níor thuill sé maisle aonne riamh .i. ní raibh achmhusán ag neach lé caitheamh leis as a iomchar ameasc na coitchiantachta. Ní maisle dho aonne bheith ag éileamh a choda féin go dleaghthach: achmhusán: rud lé casadh lé duine. Ith an t-ím sin, má tá blas beag féin air, sin a bhfuil de mhaisle air: díoghbháil, teimheal. Ní fhéadfadh duine ar domhan maisle do thabhairt do n-a bheatha, ghaládnta, fhearamhail, dhíreach .i. aon rud mícheart do chur 'n-a leith. Ag tabhairt maisle atá sé riamh .i. ag cúlchainnt 'sag suainseán ar dhaoinibh.

maist: *b.2.* cnapán, ailp. Ghaibh maist phéiste an cuan isteach: ceann toirteamhail. Thagadh maistidhe móra adhmaid 'n-a raic: geanncacha troma. A mhaist amadáin, trághaidh annsan: a stúmpa, éist do bhéal.

maiste: *intriath.* dar fiadh, dar ndóigh. Maiste féin féin, mhuis, ná buailfidh aonne barra méire orm ná maisle do thabhairt ar aon tsaghas slighe dhom .i. mise 'n-a cheap leis. "An dtiocfair?" – "maiste tiocfad, a's é, cad 'n-a thaobh ná tiocfainn?": dar ndóigh tiocfad. Maiste is tusa an chos is fearr againn: dar fiadh: lán-deimhnightheach de.

maistín: *f.4.* mianach madra móir an-acfuinneach, an-mhisneamhail; duine nó ainmhidhe dána, do-ionnramhálta, "buailim sciath". Maistín madra aca a íosfadh id bheathaidh thú dá dtéightheá i ngiorracht dá ndoras: gadhar dásachtach. Maistínidhe iad san ná bíonn uatha ach imreas .i. daoine go mbíonn glór a's gleódh aca ar lorg achrainn. Bhí sé fúm thíos agam agus gan aon dul ar éirghe aige, agus ar a shon san ní chiúnóchadh an maistín: an rud dána. Ní mór an chao a bhíonn ón maistín chun íde na muc a's na madraidhe do thabhairt ort: báirseach mná. An duadh agus an eaga do chaitheas leis an maistín eascún do thabhairt 'on bhád: ceann mór, láidir, fíochmhar ná géillfeadh aon órdlach ach dá haindeóin. Nách tú an maistín leinbh ná stadfadh de ghol: leanbh dána, madramhail.

maistínteacht: *b.3.* buailim sciathacht, dánaidheacht, madramhlacht, fíochmhaireacht. Ag dul chun maistínteachta atá an lá: in olcas a's i mbuirbe. Mar dheadh ná fuil biadh gach aonne maith do dhóthain duit? maistínteacht atá ag cur ort: míoshástacht dheiliúsach: madraidheacht. Nár mhór an mhaistínteacht do a raibh de ghloinidhibh sa tsiopa do bhriseadh nuair ná friothálfí air: an mhadraidheacht: fíochmhaire mí-iomchair. Ní lé maistínteacht in ao'chor a threabhfair an áit dhaingean san ach le socracht a's foidhne: fíochmhaire(acht): fuadar gan cur leis. A leinbh, is ort atá an mhaistínteacht: crostacht lé mí-iomchar. Míne a's ní maistínteacht do theastuigheann uainn san áiteamh so: dul i muineál a chéile.

maith: *a.* folláin, muinnteardha, cineálta, tairbheach, fóghanta, oireamhnach, sásamhach, ar fheabhas dá shaghas, a bheith i seilbh tréithe riachtanach a's áiseamhail, chun a ghnótha, feidhmeamhail; tréithe ag baint leis a sháisigheas an aigne nó an éirim; ionraic, díreach, diamhóideach, eólgaiseach, cliste, pras; úr, neamhloitighthe; bríoghmhar, fuilngtheach. Maith an fear! mo chuisle thu: molaim thu. "Maith an áit go rabhais", deirtear lé duine a thagas chun cóngta go pras nó hobann; nó lé searbhas ar dhuine a chuireas a cheann i rud ná bíonn fáilte roimis nó gan cuireadh. Maith mar thárlaidh, anois díreach do bhíos ar do lorg (a theastuigh cuideachta uaim, etc.): an-ádhmharach an teangmháil. Sin feóil ná fuil maith, tá boladh uaithe: folláin. Duine ná fuil maith seadh é, bíonn sé ag faire ar chuid chách: díreach, macánta. Bítear maith leis tugtar do mar bhíonn ar ár gcumas, ach ní sháisigheann san é: cineálta, cneasta. Bíonn sé go han-mhaith dos na bochtaibh, tugann mórán carthanachta dhóibh: fóghanta. Tuigim-se thusa go han-mhaith: go hiomlán. Bád maith í sin .i. an-oireamhnach dá cúram. De threibh mhaith an fear san: cineadh ársa nó meastamhail. B'fhearr liom go mbeadh féachaint níos fearr aige, ní mór é mo mhuinghin as a shláinte .i. níos sláinteamhla. Araidhe mhaith fir aige ach go háirighthe: deaghchúmtha. Is maith an rud tú do bheith it mháighistir ort féin i subháilceach. Cá bhfuil fear maith an té seo?: fiughantach: go bhfuil meas air. Teasbáinidh dom bhur bhfeara maithe: an chuid is fearr aca: iad so go bhfuil cáil agaibh ortha. Cuir an leitir sin 'on phost dom mar dhéanfadh fear maith: comaoineach: umhal. Stadfad, fágfad an lámh uachtair agat, táir mós maith dhom: i bhfad níos fearr 'ná me. Gheall sé go dtiocfadh sé; chómh maith tháinig: chóimhlíon sé a gheallamhaint. Nách maith ná féadfá fanacht socair i lár a bhfuil láithreach: nách ait. Bhí seisean ag cabhradh chómh maith liom-sa, budh cheart é do dhíol leis: freisin. Déarfainn go bhfuair sé chómh maith le céad púnt ar a raibh aige: oiread an méid sin. "Féach, tá earra mhaith agam-sa" – "agus chómh maith céadna agam-sa leis" .i. a cómh d'earra. Mar deirir, a dhuine táir chómh díreach d'fhear leis: a chomórtas ar gach slighe. Bheadh sé chómh maith díreach

agam-sa mo bhéal d'éisteacht lé bheith ag cainnt ar a bhfuil de thor orm .i. an rud céadna dhom é. Is maith an rud smacht ar an gcat a's ar an madra: tairbheach é dos gach aon rud. Is maith an t-am a tháinighis (labhrais): tráthamhail, oireamhnach. Mar is maith liom Dia d'fheicsint ní fhágfadh sé duine beó dhíobh dá seasuighidís 'n-a choinnibh: ní fírinnighe atá fonn orm, etc. Más maith in ao'chor sinn is maith in aonfheacht sinn .i. i bhfochair a chéile atá ár neart. Smísteáil mhaith atá ag teastáil uaidh sin: ná fágfadh aon fhuacht air. An bhfuilir go maith ar theangthachaibh?: eólgaiseach. Bí chómh maith sin a's an tigh seo d'fhágaint feasta .i. slighe bhéasamhail chun san d'iarraidh. An nidh is maith i radharc an Tighearna: taithneamhach. Ní maith atá a fhios agam cá bhfuilim: nílim deimhnightheach de. Is maith is eól don gcladhaire go bhfuil an chamasghail ar siubhal aige: níl aon phioc dá amhras air. Tá go maith, óir ná fuil aon dul as agam .i. bíodh san mar sin. Cad air gur maith thu?: cad é an rud is fearr is féidir leat do dhéanamh, nó níl gnóth chun aonnidh agat. Ar na grogaidhibh a bhí an tsráid aníos ann déarfainn go raibh sé maith go leór: súgach lé digh. Tigh go maith fén mbiadh: fial fé. Daoine iad san atá go maith as .i. os chionn a mbuille: a ndóthain de mhaoin an tsaoghail aca. Tháinighis go maith as, shaoileas go raghadh breis fíneála ort: go bog: ní dheaghaidh puinn ort. Bheifeá chómh maith as fanacht ag baile le dul ann: chómh buaidhte leis: b'ionann é. Go maith chun imeartha, snámha etc.: i ndán a dhéanamh ar fheabhas. Maith nó olc beidh sé agam .i. pé cuma 'n-a bhfuil sé. Bhí bric mhaithe éisc ges na hiascairidhibh lé seachtmhain: ládálacha maithe. "Gáirdigheann solas na súl an croidhe, agus do ghní clú mhaith cnámha méithe" (Seanráidhte XV. 30): meastamhail: díreach. "An fear láidir nuair is maith leis agus an fear lag nuair fhéadfaidh sé" .i. an té a bhíos i gcumas is fé féin do bhíonn uain a ghnímh. Is maith feóil bó beó nó marbh: raghaidh chun tairbhe. Bíonn an chéad scéal go maith go dtagann an dara scéal: sásamhach. Is maith so go dtagann súd .i. beireann an dara cúrsa bráig ar an gcéad chúrsa. Is maith an té a ghníos a leas: is sona an duine é. Feithmheóir maith ar a shaothar seadh é: is beag dá thuilleamh ná fuil sé i ndán do chaitheamh. Deirtear lé bitheamhnach nó lé haonne a ghníos rud as an slighe go cliste – is maith an ceárdaidhe é .i. tá eolas a chúraim aige. Is maith leis na mnáibh dealbha an bláthach .i. taithnigheann leó nuair ná bíonn dul ar a malairt aca. Is maith lé Dia cabhair: caithfeam rud éigin do dhéanamh sinn féin. Budh mhaith uaidh labhairt ar do shon a's gan aon aithne aige ort: galánta. Tá méar mhaith aige: scríobhann sé thar barr. Cloisim-se rudaidhe, tá cluas mhaith agam: éisteacht. Níor mhór duit teanga mhaith chun labhartha in áit phoiblidhe: líomhtha. Tá teanga mhaith agat pé rud eile atá agat: bladhartha.

maith: *b.2.* rud fóghanta, bail, tairbhe, maitheas, comaoin, rath, feabhas, leas, dírigheacht, ionracas. Ní haon mhaith a bheith leis ní athróchadh an saoghal mór é: tairbhe. An mhaith dhéidheannach an mhaith .i. pé tairbhe a bheadh déanta ag duine a's go dtagadh duine eile 'n-a dhiaidh is air sin do bhead an meas. Imthigheann an mhaith leis an uaigh: dearmhadtar deaghghníomhartha an té a bhíos marbh. Maith in aghaidh an uilc: comaoin do thabhairt i gcoinnibh díochúise. "Go raibh maith agat", arsa an bhean bhocht nuair fuair sí an bhláthach, "agus do mhaith ar do mhaoin agat" .i. conách a's breis go dtugaidh ar do mhaoin shaoghalta. Ní haon mhaith mo dhícheall air, tá sé ag dul díom: tairbhe. An ndéanfá maith dhom agus dul thar mo cheann indiugh, nílim ar fóghnamh: comaoin. Ní rófhada do cuimhnightear ar maith: maitheas nó tairbhe ar son duine. Maith mhór seadh lá breágh .i. téigheann sé chun feabhasa do mhórán rud. Déanfaidh an deoch san maith na bruinne dhuit: cuirfidh sí feabhas mhór ort. Is olc an

díol ort maith do dhéanamh ort mar ní bheadh fiú an bhuidheachais agat 'n-a dhiaidh: comaoin nó tairbhe. Tá sé éirighthe as ólachán sa deireadh thiar thall seadh, "ní déidheannach í an mhaith aon uair": ní bhíonn sé déidheannach choidhche leasughadh do chur ar bheatha dhuine. Chuiris mo mhéar gan mhaith nuair bhrisis í: gan aon áis. Cad é an gnóth atá ag aonne de rud gan mhaith?: gan tairbhe, bail ná áis. Aon mhaith ní dheaghaidh ó indé air, tá sé chómh tréith a's bhí sé: feabhas: biseach. Anois díreach atá sé ó mhaith agat: laitighthe agat. Maith bheag go né sé dhuit: nár né tairbhe. Maith a's sláinte go né sé dhuit: deirtear lé linn ruda d'ól nó d'itheadh. Ná leig don bhfeóil sin imtheacht gan mhaith, cuir salann uirthe: gan leigeant di lobhadh nó dul chun oilcis. Dá mbeadh aon mhaith d'fhear ionat ní leigfeá do bhuille lé haonne .i. misneach fir. Ní maith an t-adhbhar earraigh thu .i. is olc an sás tú aonnidh cóir do dhéanamh. Déanfad an rud atá ar maoith agam, a's nára maith ge t'fhiaclaibh: gan aon bhuidheachas duit: det aindeóin mheanmnaigh. Ní fheaca olc ná maith an rud atá uait .i. aon amharc ní bhfuaireas air. Ní maith ar muir ná ar tír é, caith uaim trácht air .i. ní fiú faic chun aonnidh é. Deirtear lé duine a thiocfadh in am míothráthamhail na hoidhche nó a dhéanfadh rud ná cuirfeá fé n-a thuairm. "Tá sé sa daoine maithe", nó bíonn sé ag gluaiseacht leis an sluagh sidhe. "Go raibh maith agat ar sin a bhfuil déanta agat dom" – "anáir na maithe": in onóir na maithe: ar a son féin. Bhíomair uile ann, idir olc a's mhaith: mar ránguigheamair. Is fearr an mhaith a deintear a's a maoidhtear ná an mhaith ná deintear in ao'chor .i. is cuma cad deirtear leat nuair cuirtear comaoin ort. Daoine bochta ní headh a bhíonn uaidh sin mar chómhluadar ach maithe na dúthaighe: daoine móra, gustalacha. "A mhaithe a's a mhór-uaisle" mar dubhairt an fear 'táthaoi annsan' .i. daoine fiúghantacha uaisle. Ó tá an mhaith ar do láimh, ná dearmhad cómharsa: ó tá ar do chumas beart nó tairbhe do dhéanamh. Ó Dhia thagas gach maith .i. gan é ní fhéadfaimís féin, dá fheabhas sinn, faic do dhéanamh. Is maith an rud suidhe ach bhain síneadh a bharra dhe: is subháilceach etc. Amuigh ná i mbaile ní bhfaghaim aon mhaith ann: ní bhíonn sé preabamhail. Pé maith a bhí ann d'imthigh sé: pé brigh. Gan mhaith gan tairbhe anois nó riamh id dhiaidh .i. ar chuma nách féidir aon fheidhm nó áis do bhaint as agus nách féidir faic d'fhagháil dá bharr.

maithe: *b.4.* tairbhe, bail, sochar. Ní ar mhaithe leat ná go bhfágfainn luifín ort, a ruifín, mar is é atá go lán-tuillte agat .i. ní chun do dhíthe do dhéanamh ná etc. .i. ní chuimhneóchainn an dara huair air .i. dhéanfainn go pras é. Ar mhaithe leis féin do dheineann an cat crónán: ar a shon féin: d'fhonn rud do bheith aige dá bhárr. Aonne do bheadh ar mhaithe leat chómhairleóchadh sé dhuit dul abhaile: ag machtnamh ar do leas, a dhéanfadh sochar duit. Ar mhaithe leó féin do bhíonn furmhór an tsaoghail: ag smaoineamh 'sag obair chun iad féin do chur chun cinn. Dá ndeinteá rud ar an té a bheadh ar mhaithe leat séanfá droch-chómhluadar: a bheadh ghod chómhairliughadh ar son do leasa. Níl aonne ar m'eólas ar mhí-mhaithe leat, b'fhearr leis gach aonne ór ar gach méir leat: mí-leas .i. gur mhian leis do dhíth trí dhroch-chómhairle. Ar mhaithe lé n-a anam ní chorróchadh sé, cuireadh an oiread san eagla air: ar son a anama. Ar mhaithe léd cheann ná tóg méar chugham .i. má thógair díolfaidh do cheann as. Ar mhaithe leat féin ataoi ghom mholadh-sa .i. lé leithleachas.

maitheamh: *f.1.* lacáiste, loghadh, fuascailt; cúiteamh in iomarmhas, géilleadh. Ag díol an chíosa dhom fuaireas púnt maithimh: lacáiste: leagadh. Ní bhacfad lé n-a thuilleadh,

táim ag maitheamh do ó mhaidean: ag diúltadh de n-a thógaint. Bí ag maitheamh don gclaidhe: ag géilleadh dho: ag fanamhaint uaidh in am ar eagla buailte air. An bhfuilir ag maitheamh in ao'chor don méid a chosnóchaidh do chuid éadaigh ort: ag lamháilt do: it áireamh an machtnuighir air? Ná tuig id cheann go bhfuil buaidhte agat orm, níl ag maitheamh in ao'chor duit: ag géilleadh. Ar mhaitheamh féin do b'é an fear céadna airís é, dhéanfadh sé na bearta céadna: buannacht cúitimh do thréigean. Maitheamh dom namhadaibh níl aon fhonn orm do dhéanamh: fonn díoghaltais ortha do thréigean. Coir ó mhaitheamh déanta agam air, is eagal liom .i. nách cosamhail go bhfaghadh párdún innte. Is mór atá lé maitheamh agam ort: chun cinn ort: níos fearr 'ná thu. Is mór atá lé maitheamh agam duit .i. tá mórán amuigh agam ort .i. ní cúis amháin atá agam ort. Fágaim fé Dhia maitheamh mo pheacaidhe do thabhairt dom: diúltadh sásamh do bhaint asta.

maitheamhnas: (**maitheamhnachas**) *f.1.* fuascailt ó dhualgas cúitimh, loghadh, párdún, géilleadh in iomláin nó i gcuid. Go dtugaidh Dia maitheamhnas 'n-ár gcorthaibh a's 'n-ár bpeacaidhibh dúinn .i. nár leanaidh Sé a gcúiteamh orainn. Tabhair maitheamhnas ar feadh seachtmhaine dhom agus geallaim ó chroidhe dhuit go n-íocfad thú annso: bí géilleamhail liom. "Leis an dTighearna Dia a bhaineas trócairidhe a's maitheamhnas, bíodh gur chathuigheamair-ne 'n-a aghaidh" (Dan. IX. 9) .i. is fé atá párdún do thabhairt. "Do thóg Dia lé n-a láimh dheis féin é suas 'n-a phrionnsa agus 'n-a Shlánuightheóir, do thabhairt aithrighe agus maitheamhnachais na bpeacaidhe d'Iosrael" (Gníomhartha V. 31) .i. saoradh ó dheascaibh na bpeacaidhe. "Bídh so-chroidheach, trócaireach dá chéile ag tabhairt maitheamhnais uaibh dá chéile amhail thug Dia maitheamhnas díbh-se mar an gcéadna i gCríost" (Ephes. IV. 32): éileamh duaidhnéise as iomarmhas: gan coir ná rud as an slighe d'agairt. Ó, creid me leis, go bhfuil sé fíor, chómh maith agus is maith liom maitheamhnas d'fhagháil: párdún ó Dhia as mo pheacaidhibh a's mo chorthaibh .i. gur b'í an fhírinne ghlan atá dhá innsint agam duit. Níl maitheamhnas tuillte gen allfraits, féach an gníomh déistinneach atá déanta aige .i. go hifreann budh chóra a anama do dhul. Iarr maitheamhnas (ar Dhia) .i. seachain tú féin, tá drochrud éigin id chóir. Iarraim maitheamhnas .i. gaibh agam .i. chídhtear dom mo dhearmhad, ceartóchad é. Maitheamhnas ó Dhia chughat, a's aithris dom, deirtear nuair bítear piaclach chun deaghscéala do chlos. Ní thabharfadh neach ar domhan maitheamhnas duit nár fhan leis a's é i gconntabhairt .i. ní cuirfí gan milleán thu.

maitheas: *f.1. ⁊ 3.* tairbhe, leas, feidhm, comaoin, cineáltas, feabhas, maoin. Caithfear éirghe suas de, ní maitheas a bheith leis, tá sé róláidir; tairbhe faic de bharr. Maitheasaidhe an domhain atá ionat ar do bhéal féin .i. ded réir féin táir go hiongtach ar mhórán slighe nó deinir comaoin do chur ar a lán. Scríobhfainn leabhar ar a mhaitheasaidhe sin, a leath nách eól d'aonne: na beitheanna (poinntidhe maithe) atá ag baint leis. Go gcuiridh Dia i gceann na maitheasa don té go bhfuil an t-iomard air: go gcuiridh Dia casadh ar fheabhas air. Mo sean-mheilit scine ar mo nós féin, seanduine, i ndeireadh a maitheasa: a buille nách mór tugtha: gan puinn eile áise. Droch-thuairm atá ag an ndochtúir as, níl sé ag déanamh aon mhaitheasa: ag feabhasughadh: ag teacht chuige féin. Chun do mhaitheasa go dtéighidh sé (seanbhlas) .i. pioc tairbhe ná sásaimh nár fhaghair as. Níl aon mhaitheas ag fuireach (fanacht) ann .i. tá sé ag dul chun deireadh .i. tá a shláinte (misneach) ag cailleamhaint air. Dhein sé an scéal gan mhaitheas ar an

slighe gur aithris sé é: bhain sé an bhrigh as. Cad air gur maitheas in ao'chor thu? .i. duine gan bhrigh gan tairbhe thu. Is fada riamh go raibh maitheas i nglór duine bhoicht: brigh .i. gur héisteadh leis. Ná bíodh súil lé n-a n-iomad fós, tá sé óg, níl sé ach a mbéal a mhaitheasa .i. díreach ag tosnughadh ar é féin do chur in iúil. An té ná bíonn déantús maitheasa ann ní fearr 'ná leigeant do: fonn nó inntin aige feabhas do dhéanamh. Do bhéal féin ná deineann puinn maitheasa dhuit .i. is é an namhaid is mó agat é. Is baoghalach go bhfuil sé in earball a mhaitheasaidhe: ag dul chun báis. Baineann an iomad uisce an mhaitheas as an mbainne, síor-churadóireacht an mhaitheas as an dtalamh etc.: an bhrigh, an scabhárd. Is iomdha maitheas do bhainim as an sean-rothar san: áis: úsáid. Má tá cuid mhór dá aois tagtha féin is iomdha maitheas fós ann: d'fhéadfadh sé tairbhe do dhéanamh ar mórán cuma. Déanfair mí-mhaitheas duit féin a's dod shláinte má chuirir thú féin thar do riocht lé hiomad oibre: díth: dochar. Níor ghábhadh dho aonne do bheith ghá mhúineadh, is mithid do fios mhaitheasa a's uilc do bheith aige féin: cad is díth ann agus cad is tairbhe ann. Ar son na maitheasa poiblidhe d'éirigh sé as an gcúram do cuireadh air nuair ná raibh sé oireamhnach do: chun leasa na coitchiantachta. Olcas tréis mhaitheas aige, ní athróchaidh sé choidhche .i. ag filleadh ar an ndroch-thaithighe. Duine agaibh tréis an mhaoidhte go léir asaibh féin níl ag cuimhneamh ar mo mhaitheas-sa: ar an gcabhair do thugas-sa uaim. Níl aon mhaitheas ann chun dul i bhfeighil a leasa: aon chrích air: níl sé dána ná carráisteamhail. An maitheas bheith leis? bheith ag gabháil de: bheith ag áiteamh air: ag dul chun cinn leis. "Maitheas ó Dhia chughainn!", deirtear nuair thárluigheann rud áthastamhail gan súil gan choinne leis.

maitheamhail: *a.* claon lé maitheamh; do thabhairt maitheamhnachais nó párdún. Ambáireach ní bheidh pioc de chuimhne a bhfuil déanta agat air. Duine fior-mhaitheamhail seadh é .i. ná bíonn fonn air díoghaltas ná cúiteamh do bheith aige ná fiú amháin cuimhneamh ar a ghortughadh. D'fhéadfainn bheith chómh mí-mhaitheamhail lé duine nuair chídhfinn camasghail: daingean in olc do chothughadh: neamh-chlaon lé párdún do thabhairt. Cuireann san áthas croidhe orm anois, spirid mhaitheamhail do bheith agaibh a's bheith muinnteardha lé chéile: gan olc ná mioscas do chothughadh ná do choimeád ar bórd dá chéile.

maitheasach: *a.* tairbheach, cineálta, daonna, deaghchroidheach, carthannach, áiseamhail, feidhmeamhail. I láthair a bháis ní raibh sé lé maoidheamh aige go ndeárna sé beart mhaitheasach riamh: a dhéanfadh maith d'aonne. Eagla ort go dtabharfaidh sé an t-eiteach duit ná bíodh, níl neach is maitheasaighe ar t'eolas 'ná é, thabharfadh san a chuid fola dhuit: is mó a ghníos tairbhe. Banarthla mhaitheasacha ná tugann faillighe in aonne a bhí fé n-a cúram: cineálta, freastalach. Ár súil go dtiocfaidh toradh maitheasach as thurus ár n-aire thar lear .i. go mbeidh rud fóghanta dá bharr ag an dtír. Ainmhidhe maitheasach tímcheall aon tighe seadh madra maith: áiseamhail .i. a ghníos feidhm agus tairbhe. Ar a bhfuil ar m'eolas is é an fear is neamh-maitheasaighe é, níor airigheas riamh gur chuir sé comaoin ar neach: do-chroidhthighe: neamh-dhaonna: neamhchartannaighe. Nách é an teallaire beag neamh-maitheasach é, ná cuirfeadh an leitir 'on phost: ná déanfadh an méid sin, dá luighead é, ar son dhuine. Congaibh greim cruaidh ar do chuid airgid níl aon rud is maitheasaighe id thímcheall lé linn do chruadhtain 'ná é: is mó a thabharfadh cosaint a's cóngamh duit. Is neamh-maitheasach a chuireas an cárta san .i. d'imirt go breallach.

maitheamhlacht: *b.3.* tréith leagadh nó claonadh lé maitheamh. Dá mbeadh aon mhaitheamhlacht id chrathachaibh ní bheadh an chloch id mhuilirte do dhuine mar gheall ar rud nár bh'fhiú biorán a's é: é geinte ionat a bheith bog-chroidheach. Bhain an saoghal 'san aimsir a's a anacraighe do fuaireas iad pé maitheamhlacht a bhí ionam asam .i. chalcuigh mo chroidhe ar fad.

maitheasamhlacht: *b.3.* cineáltas, feabhas, maitheas, scabhárd, suiméar. Deirtear ná fuil aon teóra leis an maitheasamhlacht atá i scadán do dhaoinibh éiglidhe, dá luighead againn é: feabhas, neart. Beirbhigheadh an mhaitheasamhlacht ar fad as an bhfeóil seo, fágadh rófhada ar an dteine í: an suiméar: scabhárd: brigh. As mhaitheasamhlacht a chroidhe bíonn Dia éascaidh a pheacaidhe do mhaitheamh don aithrigheach: feabhas: sár-mhaitheas. Fógartar leann dubh ar na páipéaraibh lé n-a mhaitheasamhlacht sláinte: an cumas atá ann chun na sláinte do neartughadh. B'éigean dom an capall do dhíol, bhí sé ag dul im choinnibh, aon mhaitheasamhlacht ní raibh agam as: feidhm chun oibre: áis.

Maitias: *f.1.* ainm fireannaigh. "Dia dhuit, a Mhaitiais" .i. beannachadh coitcheann nuair ná bítear deimhnightheach den ainm bhaistighe.

maithim: *b.a.* tugaim párdún, loghadh, saoirse, lacáiste, géillim, diúltuighim do, tréigim. Maithim duit an bheart neamhghábhtarach so do dhéanamh orm: tugaim párdún duit .i. táimíd réidh lé chéile 'n-a taobh. "Tair im chuideachtain" – "maithim duit": diúltuighim díot .i. ní bheidh aon bhaint agam leat. Maithim den ólachán: tréigim é: aon bhaint (lé gráin) ní bheidh agam leis. Maithim de anois, tá mo dhóthain caithte agam de (nó ní fhéadfainn aon lámh do dhéanamh air) .i. éirighim as, ná aon chuimhneamh air. Maithim de mhnáibh uile an domhain .i. a thuilleadh éilimh ní bheidh agam ortha. Ag gearradh an éadaigh maith don bhfáithim: cuimhnigh: fág an oiread flúirse gan gearradh a's raghaidh chun fáithime. Ag dul treasna chun an oileáin maith don dtaoide (do mhoill, etc.): cuimhnigh air agus fág áirighthe aimsire 'n-a chóir. An lá is fearr do bhís, dá mhéid cáile do bhí ort, ní mhaithfinn órdlach duit: ní ghéillfinn pioc .i. bhíos chómh maith d'fhear leat ar gach cuma. Maithim dem dhóigh i dtaobh an fhir sin, ní bhfaghaim ádh ná ealadha air: tugaim suas mo dhóchas i dtaobh aon mhaitheasa d'fhagháil as. Bhí súil agam go mbuailfeá mo chárta, ach mhaithis dom: scaoilis thart é. Níor mhaith sé pingin dom .i. chaitheas an méid do bhí orm aige d'íoc leis. Is amhlaidh mar tá ag an mbeirt sin ná maithfeadh duine pioc don duine eile .i. eatartha féin atá sé: cómh-olc comh-mhaith iad. Maith dhúinn ár gcionnta mar mhaithimíd do chách: tabhair párdún dúinn ionta etc. Níor mhaith sé dá bhacaighe riamh: níor ghéill, níor chuir sé an tsuim aireach budh cheart do in aon iomard a bhí air. "Féach ar m'anacra a's ar mo phéin, agus maith mo pheacaidhe uile dhom" (Sailm XXV. 18): ná hagair feasta orm iad. Maithim óm chroidhe amach duit: aon bhlúire milleáin níl agam ort. Níor mhaith sé aon bhuille sa dórnáil dá chómhspairnidhe: thug sé cearn in aghaidh gach buille.

maithín: *f.4.* comaoin nó tairbhe bheag. Ní mór far mhaithín do dhein an dochtúir do: feabhas beag. Deineann sí maithín ar fuaid an tighe, lámh do thabhairt lé leanbh a's mar sin: tairbhe.

maithmheach: *a.* claon lé maitheamhnachas, bog-chroidheach, tais. Duine maithmheach me, mara ndeintí díth mhór nó éagcóir orm, ní fada do chuimhneóchainn air. Athair ró-mhaithmheach dob eadh é a's leigeadh a cheann 'sa chosa lé n-a mhac: tláith, tais: ná raibh dian. Is iomdha rud a dheineann na cléirigh as an slighe ná tógann an saoiste aon cheann de, tá sé maithmheach: cineálta.

máithreach: *b.2.* árd-phréamh, an fíor-bhun, brú, ainmhidhe bleachta. Gura slán máithreacha an bhainne (lé linn a ólta): na ba a thál é. "Ná fuil aon phósta ambliadhna ort?" – "fanfad ar mo mháithreacha tamall eile": mar táim: ar an aiste go bhfuilim. Rugadh ar a ghéig i roth muilinn a's stracadh as a máithreachaibh í: as a préamhaibh. I gcorplár na hoidhche tagann an luingeas aoir ag déanamh maidhme ar chathrachaibh a thógas daoine as a máithreachaibh: ó thalamh: a scannruigheas iad chun teichte chun dídin. Leis an strus do rug ar an luing gen ngála strac sí a hancairidhe as a máithreachaibh: as a ngreamannaibh ar thóin puill. Thóg an droichscéal an baile as a mháithreachaibh: bhain sé preab uathbhásach as na daoinibh. Thóg an pléaslach glan aníos as a máithreach as an uisce an long: ó n-a hionad.

máithreamhail: *a.* ar nós máthar, caoin, cneasta, cineálta. Bhíos, a's ní ghom mholadh féin atáim, chómh máithreamhail di a's bheinn dom chlainn féin: cneasta. Máire, an cailín is máithreamhla den gclainn inghean: is cosamhla leis an máthair. Is beag ná déanfadh grádh máithreamhail .i. dhéanfadh máthair aonnidh dá clainn.

máithreamhlacht: *b.3.* cineáltas, caoineas, airdheanna caoine, cneasta na máthar. Má fuair leanbhaidhe riamh máithreamhlacht maidir lé freastal, glanachar agus biadh maith, fuaireadar é: aire a's cineáltas. Thug na leanbhaidhe go léir an mháithreamhlacht leó .i. tá an-dheallramh aca leis an máthair. Chun é sin do theacht chuige féin níor mhór do máithreamhlacht mar tá sé an-lag: cneastacht a's cineáltas mar thugann máthair dá hógaibh.

máithrighim: *b.a.* tugaim ar an saoghal, freastalaim go cúramach ar. Is é a máithrigheadh go harmacamhail: gan easbhaidh ná ceal: a tógadh go láncheanamhail. Is tú an fear is fearr do máithrigheadh ar do chineadh lém linn-se: a saoghaluigheadh.

máithriughadh: *f.* (*-uighthe*) do thabhairt aire a's cion máthar do. Féach ag máithriughadh mhéire é, budh dhóigh leat gur i mbaoghal a chaillte do bhí sé: ag peataireacht uirthe. An chearc ag máithriughadh na sicínidhe fé n-a clócaidhibh: ghá mbailiughadh isteach go cluthair fé n-a sciathánaibh.

máithrín: *b.4.* máthair bheag, focal ceana. A's beidh mo mháithrín ghom chaoineadh má imthigheann aonnidh orm: maimín. Cá bhfuil an té ná bíonn cion ag máithrín éigin air: máthair go mbíonn an grádh go láidir innte.

maithte: *a.r.* párdún do bheith gabhtha nó bheith saor ó pé milleán a bheadh i dtaobh cora nó iomarmhais; taise nó trócaire do bheith teasbánta. Tá maithte aige don bhfarraige lé fada .i. aghaidh a chaoraidheachta tógtha aige dhi: níl aon chaitheamh 'n-a diaidh feasta aige. Ná bíodh aon dolbhach ort i dtaobh rud beag mar sin, tá sé so-mhaithte: is

furaiste párdún do thabhairt ann. Furmhór a ndeineann an óige, rudaidhe so-mhaithte iad: nách deacair a milleán do ghlanadh. Ar dheinis tá sé ion-mhaithte: is féidir é do mhaitheamh nó gan bheith ag iarraidh cúitimh 'n-a choinnibh ort. Rud do-mhaithte do thír láidir tír bheag do ghabháil lé héigean: nách féidir do shaoradh ó mhilleán 'n-a thaobh. An bhfuil maithte fós agaibh?: a ndearnabhair muinnteardhas.

maithteach: *a.* réidh, ullamh chun maithimh do dhéanamh. Má thagann néal féin air, duine maithteach é ná cothuigheann falantas d'aonne: so-chroidheach, bog gan díochúis do leanamhaint nó d'agairt ar aonne.

mála: *f.4.* sac, tiachóg, sparán, mealbhóg, paca, maois, gabhadán de leathar, d'éadach chun aistrighthe nó maingisínidhe d'iomchar. Mála bóthair (aistir) .i. chun éadaighe etc. d'iomchar. Mála na leitreach. Táim i mála an amhrais 'n-a thaobh, ní heol dom cad é an cor do chuirfidh sé dhe féin: i bpoll an amhrais .i. gan aon éachtaint ar cad tá ar maoith aige. Seadh, tá lán (an) mála de scéaltaibh nuadha agat tréis an bhaile mhóir: cuid mhór, ghroidhe. Dhein sé lán mála d'airgead ar an aonach ar stoc: mórchuid. Beó, bocht, dealbh do bhí sé gur thuit oidhreacht air, anois tá sé i mála an tsnáith ghil ar a shástacht: gach aon rud aige. Mara chéile dhuit díreach anois dul ag imirt ar chártaidhibh nó do lámh do chur i mála an éithigh: mála go dtairngeófá cómhartha duaise as nó cómhartha bán. Aimsir neamh-bhroideamhail í seo, táim chómh díomhaoin lé bacach a chaithfeadh a mhála de: gan faic na ngrást ag déanamh bráige dhom. Is amhlaidh mar tá agat-sa agus an méid tuigseana atá agat, nách fearra dhuit cáith id mhála 'ná min .i. ní heol duit an rud tairbheach seach an rud mío-thairbheach. "Seo chughainn bacach an mhála" déarfí lé haonne go mbeadh rud thiar air tréis a sholáthair. Gach ceárd a mheathann téigheann ag iascach a's deireadh an iascaire an mála: as san féin ní bhaineann beatha a's téigheann ar lorg na déirce. B'fhearr liom mo mhála do bhualadh thiar orm 'ná bheith ag bruic leis an saghas so tarcuisne: dul i leith mo dhéirce. "Lucht míre a's mála": iad so a bhíos ag bailiughadh a ndéirce a's ag brath ar shíntiúsaidhibh. Ná bíodh sé den ndiabhal ort gan an méid atá ráidhte agam leat do choimeád id mhála: é do chongbháil 'n-a rún. Anois do scaoilis an cat as an mála ort féin: do scéidhis ort féin go neamhthuiseach. Léan id ghoile a's i málaidhibh do chloinne (eascaine) .i. aon mheas fir ní bheadh agam ort dréir. Árduigh leat id mhála an méid sin anois, b'fhéidir go mbeadh seanbhlas agat ort féin: beir leat. Is iomdha cleas a's lúb id mhála: id ghoile: is deacair bheith suas leat. Má bhír ag cailleamhaint ar an gcuma san cuirfidh sé an mála ort: déanfaidh duine bocht díot. Cuir an mála ort féin anois!: táir scriosta. Aon rud ach (bheith ag imtheacht leis) an mála: aon rud dá chruadhacht a's dá anacraighe, ach an déirc ar leithrigh. Ná bíodh aon dochma roimis an saoghal ort, níl aon áit go ngeóbhair ná faghair rud le cur id mhála: lé tuilleamh. I mbéal an mhála bhíonn a bhainistighe .i. i dtosach caithte seadh is cóir bheith aireach, neamhchaithteach. Is mar a chéile airgead 'n-a phócaidhibh sin nó i mála gan tón .i. níl aon ghreim aige air.

malach: (**mailgheach**) *a.* mala nó mailidhe do bheith (ar). Buachaill dubh trom-mhalach gur ar éigean do chídhfeá a shúile: fionna tiugh fada, trom ortha.

málaeridhe: *f.4.* fear mála, fear mór-bholgach, mór-ghoileach. Níl aon bhúistéir ar an mbaile a thabharfadh a dhóthain feóla don mhálaeridhe sin, pé áit a gcuireann sé a n-

itheann sé: sutha. Málaeridhthe na cruinne a bhíodh ag gabháil tímcheall fadó: lucht loirgthe déirce. Ní mór go bhfuil siubhal na slighe ann, an málaeridhe: an coimpléas atá aige: bolgadán mór. Id mhálaeridhe ataoi riamh, i gcómhnaidhe ag lorg gan faic agat féin.

malairt: *b.2.* iomlaoid, atharrach, rud in ionad, athrughadh, rud éigin eile, éagsamhlacht, deifridheacht. Cuir malairt éadaigh ort féin sara bhfaghair fuacht, tair as an sileadh mhaol, bháidhte: atharrach éadaigh: éadach 'n-a ionad. Caithfead malairt slighe bheatha do tharang orm féin tá feirmeóireacht teipighthe orm: athrughadh: slighe bheatha seachas an ceann so. Nár chóir go mbeadh malairt céille agat a's gan dul ar aon scór le bleaigeárd: ciall eile .i. ciall níos fearr. Tabharfad mo leabhar ar malairt ar an bpeann duit .i. i gcoinnibh. Malairt gaoithe indiugh ná raibh indé – anoir atá sé indiu, andeas indé. Malairt an dá ghabhar riabhach na bróga san do chur ort in ionad na mbróg a bhí: is ionann iad. Daoine macánta? táid ann, agus a malairt: daoine míomhacánta. Deinimís malairt: an rud atá agam-sa tabharfad ar an rud atá agat-sa é. Chuaidh an lá 'n-ár gcoinnibh ach ní fearr é 'ná a mhalairt: lá eile. Ná suidh annsan, faigh malairt suidheacháin: ceann seachas é. Na tíortha go léir ag maoidheamh go mbeidh malairt saoghail ann tréis an chogaidh: saoghal nách cosamhail leis an saoghal atá ann anois. "Malairtidhe géadhanna" do tugtí ar an mnaoi go dteastuigheadh uaithe atharrach ubh d'fhagháil ar na huibhibh a bhí aici. Cuirfead-sa a mhalairt de chúram ort seachas bheith ag máirseáil tímcheall mo thigh-se ar am mhío-thráthamhail mar é seo: gnóth éigin eile do chur mar iachall ort. "Ní fhéadann an t-ór ná an criostal a chómhmóradh agus ní bhíonn a malairt ar shéadaibh d'ór fhíneálta" (Iób XXVIII. 17) .i. níl lé tabhairt i gcoinnibh. "Óir créad a thairbhe do dhuine dá ngnóthuigheadh sé an domhan uile agus a anam féin do leigeant amudha? nó créad í an mhalairt a bhéarfadh duine ar son a anama féin" (Matha XVI. 26): cad do chuirfeadh 'n-a choinnibh. Maidir lé bheith ag brath ort-sa ná fuil taithighe agat níl ionat ach sop i malairt scuaibe: in áit. A mhalairt ar fad do dheineas: a chontrárdha. Tugann an bearradh 'san glanadh malairt crota: crot eile (níos fearr). Dein malairt ar an bhfocal san a's bainfear malairt céille as an gcainnt .i. cuir ceann in a ionad. Tabhair malairt bóthair ort féin anois agus seachain mise: iomchair thú féin. Chuadar ar malairt creidimh: d'athruigheadar. Chuadar ar malairt dóirne lé chéile .i. ní dóirne a bhí aca ach bataidhe nó a lithéid. Dá dteightheá ar malairt cárta d'éireóchadh leat: dá gcaithteá ceann eile.

malairtighe: *b.4.* luas inntine, atharracht. Táir róchlaon lé malairtighe chun aon mhuinghin do bheith asat: luath-inntineacht. Malairtighe an aoir ná réidhtigheann liom, tamall tais, tamall tirim: atharughadh.

malarta: *a.r.* tugtha in ionad, athruighthe. Tá do chreideamh malarta agat: tú dulta ar chreideamh eile. Tréis na gcapall do bheith malarta aca: ceann tugtha in iomlaoid i gcoinnibh cinn eile. Píp mhalarta í seo, b'fhearr liom go mbeadh mo cheann féin agam thar n-ais: babhtálta.

malartach: *a.* atharrach, babhtálach, taomanach, taodach. Níl aon ghrádh malartach eatartha: grádh cómbáidhe: ón da thaobh. Aimsir mhalartach chughainn: athrughadh aimsire ag teacht. Obair mhalartach í seo eadrainn .i. cúitighimíd lé chéile í. Ná tuig gur meas malartach mo mheas-sa ort .i. taomanach.

malartóir: *f.3.* babhtálaidhe, duine a thugas rud in ionad. Malartóiridhe iongtacha capall seadh na tuinncéiridhe .i. tugaid capaill in ionad capall. Malartóir glic é sin, ní bhíonn sé chun deireadh lé n-a mhargadh: duine a thugas rud uaidh i gocinnibh ruda eile a gheibheann sé.

malartughadh: *f.* (*-uighthe*) athrughadh, babhtáil. Aon rud atá agam ní dhéanfainn do mhalartughadh ar ór na cruinne: ní scarfainn leis i gcoinnibh ruda nách é. Malartughadh seadh an gluaisteán so .i. ceann atá fachta in ionad cinn. An droch-chuma atá ort indiugh, bhreis ar indé, bhís go hiongtach, is mór an malartughadh atá (tagtha) ort: athrughadh. An mbeidh malartughadh dlighthe againn tréis an chogaidh seo?: an dóigh leat? dlighthe deifreacha. "Ní goid malartughadh". D'iarraidh an saoghal do mhalartughadh, rud ná fuil ar chumas aonne: d'athrughadh chun tola. Malartughadh hataidhe: babhtáil: ag tabhairt hata i gcoinnibh hata mar mhargadh. Ar mhalartughadh datha ann b'fhollus go raibh an uain buailte leis: dath do theacht in ionad datha...an bás in athchomair do.

malartuighim: *b.a.* ₇ *n-a.* athruighim, tugaim in ionad, babhtálaim, aistrighim. Malartóchad suidheachán leat más fearr leat é seo: tabharfad mo shuidheachán duit ar an gceann atá agat. Cad mhalartuigh é? ní bhíonn drundam anois as, a's bhíodh sé an-chainnteach, leanamhnach: d'athruigh. Mhalartuigh a aghaidh ar mhí-líth lé neart an eagla do cuireadh air: d'athruigh a dhath nádúrdha go drochdhath. Mhalartóchadh san a anam ar bhallóig aráin: dhíolfadh é. Malartuighimís bróga .i. babhtálaimís: bíodh mo bhróga-sa agat ar do bhrógaibh-se do bheith agam-sa. "Agus ní reicfid é agus ní mhalartóchaid, ní lugha ná béarfaid uatha frimidil an fhearainn óir atá sé naomhtha don Tighearna" (Eseícil XLVIII. 14): ní scarfaid leis i gcoinnibh seilbhe ruda eile. "Is breágh an tigh é sin agat" (dúmas) – "malartóchad leat" .i. chun é do chur 'n-a éisteacht. "Malartuigh maithneamhachas liom": bronnaimís a's glacaimís leath ar leath.

malfaire: *f.4.* duine tailc, talmhaidhe. Na malfairidhe óg-bhan atá ar fuaid na háite gan pósadh, is é an náire é: curanta, sláinteamhail. Malfaire ná fuil beann ar fhuacht ná ar chruadhtan aige: ógánach teann fuilngtheach. Malfaire baintreabhaighe ag dul amach as a croiceann: dathamhail, láidir, girréiseach.

mall: *a.* mall, leasc, leadránach, marbhánta, righin, réidh, síománta, liosta, spaideamhail, grogach, mío-mhuinghineach. "Bíonn rudaidhe maithe mall": rudaidhe gur fiú fanacht leó ní thagaid go héascaidh. Dá fhaid atá ag rith leis mar tá an iomad ceana ar an gconntabhairt aige, luath nó mall cuirfear cimiar air: uair éigin. Ní tháinig sé luath ná mall: in ao'chor. Beidh sé mall .i. ní thiocfaidh sé chuige féin go tapaidh. Gidh mall is díreach díoghaltas Dé: mara dtagann go prap tagann go cinnte .i. bíonn sé ar an slighe do shíor dá fhaid é a theacht. Táir chómh mall lé slimide: righin ar fad: míothapaidh. Ná bí chómh mall, imir amach: leasc ag beartughadh cad budh cheart do dhéanamh. Tá m'uaireadóir deich nóimintidhe mall: an méid siar (chun deireadh) ar an am ceart. Reathaidhe (capall, bád etc.) mall é: a ghluaiseas lé siubhal beag: ná deineann ach achar gearra in aimsir cómhnáird. Traen mhall .i. ceann a stadas go mion minic. Turus an-mhall do dhéanfaidh sé, mar tá na bóithre go holc .i. 'n-a gcaithtear mórán aimsire ghá dhéanamh. Scríobhnóir (léightheóir, oibridhe, etc.) mall .i. go dtugann uaidh aimsir fhada rud do rádh etc. Bíonn fás mall fé chrann .i. bíonn tamall fada ann sara n-eascarann sé.

Bhíomair ag gluaiseacht ar chéim mhall: fé bhun na gnáth-chéime. M'inchinn an-mhall indiugh, tá sé dian orm aonnidh do thuigsint go soiléir: dúr, neamh-éascaidh. Margadh mall seadh é, níl puinn díolta ná ceannuighthe fós ann: gan anam. "Bíonn tuigse mhór ag an té a bhíos mall chun feirge, etc." (Seanráidhte XIV. 29) .i. nách furaiste do mhúscailt: fadardhanach. "...táim mall i gcómhrádh agus mall as mo theangain" (Ec. IV. 10): gan bheith pras. Lá go raibh an t-iasc an-mhall: gan fonn mór air breith. Ní cuibhe an aithrighe mhall ar eagla an bhitheamhnaigh báis do theacht: an aithrighe do cuirtear ar gcúl. "Is fearrde an t-eineach mall druideam 'n-a choinne": an chomaoin ná bíonn mear ní misde dul fé n-a brághaid. Tráthnóna mall a tháinig sé tréis bheith ag feitheamh faid gach nfhaid leis: déidheannach. "...acht is Dia thusa, réidh chun maitheamhnachais, grástamhail agus trócaireach, mall chun feirge agus lán de chineál a's níor thréig tu iad" (Neh. IX. 17): neamhtheasaidhe, neamhfhíochair: ná fuil dian. Tairng go mall an téad tá éasc innte: go réidh, socair. Is tu ná fuil mall féd bhuille: táir lasánta, droichmhiantamhail. Is fearr bheith mall féin ná ró-mhall: gníomh do dhéanamh tráth éigin seachas gan a dhéanamh in ao'chor. "Meilid muilte Dé mall ach meilid mín min" .i. nuair is toil le Dia seadh thagann gach rud 'n-a alt cheart féin. Fuaireas an oidhche an-mhall toisc ná raibh aon chodladh ag tuiteam orm: righin, árdfhada. Is mall liom an tsúil atá aige mar tharbh chun aon mhaitheasa do bheith ann: neamh-anamamhail, neamh-ghéar, neamh-aibidh. Beidh barraidhe mall toisc na droch-aimsire: déidheannach ag teacht chun cinn. Teine mhall do mhairtfheóil .i. ná beadh géar ná róthe. Chómh mall lé teachtaire an fhiaigh ón áirc .i. an fhaid sin gan teacht go mbeadh súil curtha dhe. Nách fada gur thriallais, táir ar na mallaibh: na daoine is déidheannaighe a shroich annso. An teanga mhall is lughaide a ghníos a botún .i. an teanga ná labhrann go meáidhtear go maith cad bhíonn lé rádh.

mall-: *i gc.fh.bh.* mar a mbeadh orm gníomh pras do dhéanamh is baoghalach ná beadh aon chrích orm mar táim ró-mhall-aigeanta: dúr: leasc: neamh-éascaidh. Ródhéidheannach dhuit bheith ag fagháil do leathscéil anois, táir ró-mhall-aithrigheach: leasc in aithreachas. Táim mall-chaoch gen solas san, ní fheicfinn faic aige lé n-a neart: leathchaoch: goilleann sé ar mo shúilibh. Ná bídh ag feitheamh liom-sa, beidh mall-aistear orm .i. rud éigin lé déanamh, nó dul in áit éigin do choimeádfaidh moill orm. Ní bhfuaireas ach mall-amharc ar an luing, bhí sí ag imtheacht as radharc: cao bheag ar í d'fheicsint. Fear mall-bhriathrach ná deir puinn a's adeir lé fuaimeant é: a bhraitheas roimis go haireach. Budh thruagh Mhuire é an mall-bhás duaibhseamhail do fuair sé .i. i bhfad sar ar éag sé. Congaibh do chuid mall-bharamhal agat féin, ní éisteóchaidh aonne annso leat .i. baramhail tréis baramhal daoine eile do chlos. Sín do loirgne leis an mbóthar ná bí chómh mall-chosach san: neamh-mhear ag gluaiseacht. Duine mall-chroidheach ná corróchadh sé lé n-a bhuadhairt: gan mórán braithstinte. Tabhair fé, ná tagadh aon ghrogadh ionat, ná bí mall-chroidheach roimis: scáinteach: gan mhisneach. Bíonn duadh aige aonnidh d'aithris ar a óige anois, tá sé mall-chuimhnteach .i. ní ritheann rudaidhe chuige go pras. Is eagal liom-sa gur mall-chuimhne atá gen gcladhaire úd ar na maitheasaidhibh do dheineas air: ná fuil sé rófhonnmhar ar iad do thabhairt chun a aigne ná cúiteamh do dhéanamh ortha. Má chneasuigheann sé choidhche sin é an mall-chneasughadh .i. caithfidh sé aimsir bheith go maith. Ní laetheanta maithe chun iascaireachta iad, tá mall-thaoide ann agus tá sí rómharbh, neamh-ionbhadhach: mallmhuir: an tráth is neamh-ísle agus neamhaoirde na taoididhe. Cogadh na bpiléar ní

chorróchadh é chun deabhaidh an mhall-tráth ghá leanamhaint i gcómhnaidhe: an deireannaighe. Duine mall-thuisgeannach ná foghlumóchadh é sin tréis an méid sin múinte: dúr, leasc in inchinn. Leigeas orm do bheith árd-mhall-thuisgeannach d'fhonn breis eaga do thabhairt dom féin sara labhrainn: gan bheith i ndán cúrsaidhe do bhreithniughadh luath ná mear. Is fada agus is lán-fhada go mbeidh toradh ann, mall-churadóireacht dob eadh í: cuireadh agus saothruigheadh an talamh déidheannach sa tsaosúr. Is tú ná fuil mall-mhaoidhteach asat féin, ní gádh dhuit aonne do bhuabhal do shéideadh dhuit: ciúin as do bheartaibh. Mórán ghá rádh go poiblidhe gur mall-iarracht, is baoghalach, bheith d'iarraidh beatha do sholáthar in Éirinn ar an uain seo: iarracht in aistear toisc a déidheannaighe. Aon rud eile níos lugha liom 'ná duine a bhíos mall-fhreagarthach, gabhann sé tríom bheith ag feitheamh leis: duine ná freastalann ar a chúram nó ná tugann tor go héascaidh. Maran b'iad na mall-úrnaighthe i ndeireadh do shaoghail thiar agat é, is fada roime sin gur chuimnighis ar do Thighearna!: diamhóideacht i ndeireadh dála. Sé an mall-theacht agat é, aon choinne ní raibh againn go bhfeicfimís choidhche thu: righin, déidheannach. Éinne gur féidir leis aon rud do dhéanamh, anois an t-am aige, is baoghalach an mhall-chabhair .i. ná tagann in am thráth. Bíodhgaidh! mall-chuideachta seadh sibh: cruinniughadh gan chainnt gan sult. B'é an capall a b'fhearr ar an bpáirc é, bhuaidh sé 'n-a mhall-rith .i. ní dheárna sé a raibh ann. Abha mhall-reathach ní mór go bhfeicfeá ag corruighe í: gan corruighe nó gluaiseacht thapaidh. Sin dhá chapall ná hoireann dá chéile ag treabhadh, ceann aca mall-ghluaiste don gceann eile: é do bheith 'n-a diaidh aniar. Budh dhóigh leat ná críochnóchadh a bhéile choidhche tá sé chómh mall-chogantach san: neamhthapaidh ag itheadh. Bó mhall-ionbhadhach thug sí seachtmhain fara 'n-a ceart léi: dul thar an ngnáthaistear. Sop a's uisce cimilte de n-a raibh de bhiadh is de dhigh annso rómhaibh, táthaoi ró-mhall-ionbhadhach: neamhthráthamhail. Sara n-osclann sé a bhéal tugann sé mall-bhreitheamhnas ar an uile rud a bhíos lé rádh aige: deineann machtnamh fada doimhin. Sin é soitheach is mall-tálaighe go raibh lucht tarta riamh ag feitheamh leis: gan ach fíorbheagán silte aige. Anois do thagair tréis seachtmhaine ag déanamh cómhbhróin liom, is tú an duine mall-thruaighmhéileach .i. ná foillsigheann taise go fonnmhar. Do mhall-dhánaidheacht do chaill thu, dá nglacthá misneach in am do bhí agat: maoile: ceal carráiste. Aon rud a dhéanfadh san ní ghoillfeadh air, an té is mall-náirighe ar m'aithne: duine ná corróchadh aon rud chun aithreachais é. Deirtear gur ainmhidhe mall-thomhaltach an madar uisce .i. go gcaitheann i bhfad Éireann ag gabháil dá chuid bídh. Níor ghádh dhuit aon eagla do bheith ort go dtógfadh sé rud ort gan chúis mhór, tá sé mall-mhothálach: faidtheadhlach: gan é do bheith claon lé leigeant do rud goilleamhaint air. Mall-bheirbhiughadh is fearr do rud righin: fada, réidh ar mheath-theine. Ní deacair gabháil amach ar m'asailín mall-thriallach .i. leadaránach, míothapaidh.

malla-bhog: *a.* Cuirfidh an té malla-bhog aicíd ionat: idir bheith bog agus te. Lé neart uathbhásach na gréine, bhí an t-uisce chómh malla-bhog san is ná féadfá a ól .i. mar bheadh sé lé teas.

mallachar: *f.1.* moille, righneas, doiléire. Deimhnigheadh go soiléir gur lé mallachar radhairce ná feacaidh sé an falla go dtí go raibh sé ródhéidheannach aige é féin do chosaint air: ceal léargais. Tógann sé i bhfad uaidh aon rud d'fhoghluim pé mallachar

incheann atá air: dúire. Mallachar éigin tagtha anuas indiugh orm ná feadar cá gcuirim aon nidh as mo láimh: mearbhall cinn.

mallacht: *b.3.* gairm ar fheirg nó díoghaltas neamhdha ar dhuine nó rud chun a bháis, a dhíoghbhála; oirbhire; eascaine, mionna móra. Tabhair do mhallacht don té a ólas an iomad .i. fan uaidh: duine gan mhaith é. Tabhair do mhallacht d'aimsir cheóidh chun dul ar farraige .i. aimsir níos measa 'ná í ní féidir d'fhagháil. Léighfear sailm na mallachta air ón altóir lé n-a ainsciantacht: éighfidh an eaglais ar neamh a anam do scrios. "Agus 'n-a dhiaidh san do léigh sé briathra an dlighe uile, na beannachta is na mallachta, dréir an uile nidh dá bhfuil scríobhtha i leabhar an dlighe" (Iosua VIII. 34) .i. droch-ghuidheanna do lucht toirmisc an dlighe. Tá mallacht Dé anuas i mullach an chinn ar éinne a bhíos ag ól: mío-ádh an domhain uile. Mallacht na heagailse (eaglaise): oirbhire na heaglaise: guidhe na heaglaise a dhíth do thárlachtaint. Pé mallacht atá indiugh orm nílim ábalta ar aonnidh do dhéanamh i gceart: mío-ádh uathbhásach. Sín-mhallacht éigin air ná féadann sé gadaidheacht do thréigean: mío-ádh a thug sé ó dhúthchas leis. Cad í an tsín-mhallacht atá ort ná féadfá fanacht socair?: rud éigin mío-ádhmharach atá ag gabháil díot. Mallacht uathbhásach seadh "báthadh is bascadh ort": eascaine seadh "th'anam 'on diabhal!" Seachain mallacht baintreabhaighe .i. deirtear go dtuiteann sí go trom. Nuair thárluigheann rud uathbhásach, tubaisteach do dhuine nó rud deirtear, "thug duine éigin a mhallacht do" .i. ghuidh go dúthrachtach a dhíth do theacht. Go dtuiteadh an t-anam asat níor bh'fhearr liom ná ag eascuinghe orm thu, is ionann liom do mhallacht a's do bheannacht: drochghuidhe nó deagh-ghuidhe. Mallacht na seacht sinsear ortha.

mallachtach: *a.* claon lé mallacht, malluighthe, damanta, millte. Aon tigh gur marbhuigheadh triúr in aon oidhche ann cad eile é ach tigh mallachtach: tigh go bhfuil mío-ádh a's mío-rath air. An cogadh mallachtach so sara gcuirtear deireadh leis beidh an domhan 'san saoghal scriosta aige: go bhfuil nidh ag baint leis nách maith. Chuaidh an lá mallachtach so im choinnibh ar fad, dá fheabhas a dheineas mo dhícheall seóid ní raibh dá bharr agam: buadhartha, clipighthe. Neach ní leigidís thársa gan cur isteach air, budh dhream mallachtach iad nár iomchair iad féin riamh: malluighthe, míriaghalta, urchóideach.

mallachtughadh: *f.* (*-uighthe*) do dhéanamh mallacht; do ghuidhe mío-áidh, báis, millte, díoghaltais etc. ar dhuine. Mise a gheobhaidh na mallachtuighthe uaidh ná fuil faic déanta agam do tréis a gheallamhaint go dearbhtha: drochghuidheanna, mallachtaidhe. Do mhallachtughadh atá tuillte aige mar fhear is mó caillte ná beartha agat leis: drochghuidhe is míobhuidheachas croidhe. Ar mbeith do rud míothaithneamhach déanta ag duine déarfí "is é a gheóbhaidh an mallachtughadh!": déarfar rudaidhe 'n-a thaobh ná beidh mín. Chómh haindeis de ghnóth a's do chonnac riamh, tá sé chun mallachtuighthe .i. labhairt go cáinteach, lochtach air. Bíonn gach éinne ag mallachtughadh air pé cúis atá ag daoinibh air .i. ghá gcur féin in iúil go mí-chéadfadhach, borb. Earra mhaith í sin lé linn gádhtair ná fuil lé mallachtughadh ag neach: nách cóir aon locht thar ceart do bheith uirthe. Ó tá an méid sin déanta thar barr agat táir ó mhallachtughadh: ó mhilleán ghránda. Deirtear gur trí mhallachtughadh d'éirigh an aindeis dho .i. duine éigin do thabhairt drochghuidhe dho. Ná bí ag mallachtughadh soir siar ní fhéadfadh cúis do bheith agat ar an saoghal mór: ag eascuinghe fé is tharais.

mallachtuighim: *b.a. 7 n-a.* móidighim go láidir, éighim ar neamh díoghbháil do dhéanamh, eascainighim, spalpaim mionnaí móra; malluighim. Mhallachtuigh sé air é do dhul lé faill mhara: d'éigh sé ar neamh an t-olc nó an tubaiste sin do thárlachtaint do. Má mhallachtuigh éinne riamh ar dhuine eile dheineas-sa ort-sa a chuir amugha me tréis teacht chómh fada féd bhrághaid is díombáidh do chur orm: má thug teanga dá dhrochmhéin chun uilc is tubaiste do thuiteam. Dá fheabhas atá sé dos na daoinibh mallachtófar fós air: tabharfar droch-ghuideanna dho.

mall-mhuir: *b.5.* Feic fé "**mall**". Taoide mhall-mhúrach (mhalúrach): lán-íseal.

mallughadh: *f.* (*-uighthe*) mallachtughadh, eascainghe; éigheamh uilc is tubaiste ar. Ní cuirtear aon nath innte bheith ag mallughadh na ndaoine ná tugann déirc di, béas aice é, dá fheabhas bheifeá dhi: ag guideachtaint an uilc. "Gidh b'é bhíos 'n-a chuideachtain ag gadaidhe fuathuigheann sé a anam féin; do chluinn sé mallughadh agus ní fhoillsigheann sé é" (Seanráidhte XXIX. 24): glórtha malluighthe neamhdhiadha. Is mór go léir an mallughadh ar an ndúthaigh galar béil is crúb an stuic: buaidhreamh: iomard. Bheith ag mallughadh orm go gcuireadh Dia fios ort ní thuitfeadh do mhallachtaidhe orm: ag guidheachtaint neimhe gach rud budh mheasa ná a cheile do thárlachtaint dom.

malluighim: *b.a. 7 n-a.* mallachtuighim, steallaim, spalpaim oirbhire ar. Is minic do malluigheadh me ach, a bhuidhe le Dia, nár thuit aon ósbairt orm: do tugadh droch-ghuidheanna dhom. Is ait é ach is fíor é gur mó a mhóruigheann cogadh ná a mhalluigheann é: an ghráin do bheith air. "Acht deirim-se libh, bíodh grádh agaibh do bhur namhadaibh, beannuighidh na daoine a mhalluigheas sibh etc." (Matha V. 44): a ghuidheas olc díbh. Go deo ná malluigh do dhuine mhartruighthe mar nár lughaidhe dho ná dhuit: ná guidh a dhonacht do.

malluighthe: *a.r.* urchóideach, droich-mhianaigh, lasánta, crosta, nimhneach, ainspianta, cuirptheach, droch-aigeanta. Dhá shúil chómh malluighthe lé súilibh tairbh id cheann .i. a chuma ortha nách aon iontaoibh de dhuine thu. Nuair bhíonn sé ar digh bíonn sé fíor-mhalluighthe: fonn troda is achrainn air. Seachain deireadh an chapaill sin (béal an mhadra san) tá sé árd-mhalluighthe: bhuailfeadh lé speach (bhainfeadh snap). "Is malluighthe an dream tuinncéiridhe" .i. is rófhuraiste leo cath do chur ar chách nó eatartha féin. Tá rud éigin bunoscionn leis, tá féachaint mhalluighthe aige: crosta: droich-mhianaigh: neamh-mín. Cosain me, a Dhia, ar chómhacht mhalluighthe an diabhail: urchóideach: droch-aigeanta ar díoghbháil m'anama do dhéanamh. Cuma mhalluighthe a dhóthain ar an lá indiugh: fiadhain, neamh-mín: olc. Bhíodh an máighistir an-mhalluighthe linn, ar bheag-chúis bhuaileadh sinn: crosta, soi-fheirg. Iasc an-mhalluighthe seadh eascú fharraige, nuair bhíonn sí i dteannta: fíochmhar: claon lé troid go fiadhain. Ná hól an deoch mhalluighthe sin nó díolfair as: nimhneach: díoghbhálach. An madra malluighthe é sin? .i. an mbéarfadh sé ort ar bheagán adhbhair. Tá sé chómh malluighthe leis an ndiabhal féin .i. is deacair do dhuine é féin do chosaint air .i. is furaiste leis éirghe chun stráin is achrainn.

malluightheacht: *b.3.* urchóideacht, droich-mhianach, crostacht, lasántacht. Lé malluightheacht an tairbh b'éigean é do bheith istigh de ló is d'oidhche, aon chao do gheóbhadh sé phleanncfadh: droich-mhianach: fonn buailte bheith geinte ann. D'éirigheadar chun malluightheachta gur bhuaileadar a chéile: crostacht: droich-mhianach. Cuir uait an mhalluightheacht: ciúnuigh: ná bíodh gothaidhe troda is buailte ort. Maidir lé malluightheacht de, níl clár sa trucaill ná brisfeadh sé lé n-a chosaibh deireadh: neamh-míne mianaigh: nádúir an mhío-shuaimhnis. Ní leigfeadh sé 'n-a ghoire thu lé n-a mhalluightheacht: an mianach chun cur in aghaidh aon chruisteach air go fíochmhar más gádh.

malluightheóir: *f.3.* mallachtuightheóir; cáinteóir; duine nimhneach. Malluightheóir beag suarach ná staonann ach ag suainseán ar dhaoinibh: duine droch-aigeanta gurb áil leis tromaidheacht do dhéanamh. Malluightheóir ná féadfá an dara focal do labhairt leis gan é bheith ag gearán: cnáimhseánaidhe. Malluightheóir ná bíonn dá thaidhbhreamh do ach connus droich-theist do chur amach ar dhaoinibh: duine mailíse.

malrach: *f.1.* garsún óg. Aithne agam air ó bhí sé n-a mhalrach, sara dtáinig ciall ná éifeacht do. Malrach ná fuil ann ach bheith ag tosnughadh ag dul ar scoil. Malraigh an bhaile i ndiaidh an fhir seóidh.

mam: *b. n-dh.* focal leinbh do mháthair. "Gearánfad lem mham thu" ars an peata.

mám: *f.3.* beárna nó conair treasna i sliabh (cnoc); lán an dá láimhe i dteannta a chéile; roinnt, cuid, glaic. Chuir an mám amach díot faid a's bheir glan: fág an ball so go pras. Tar éis an ghnímh mhalluighthe do dhéanamh do chuir sé an mám de: sciúird sé leis. Airgead 'n-a mhámaibh aige: 'n-a chrobhannaibh: oiread is b'fhéidir lé duine do thógaint lé n-a dhá láimh in aonfheacht. Níor mhaith liom bheith fé n-a mhám mar nách bog ná géilleamhail é: fé n-a smacht. Fuair an bacach mám mine mar dhéirc: muirear an dá láimhe 'n-a gcúl lé chéile. Tá mám id sparán tar éis an lae ar an slighe do chonnac ag caitheamh airgid thu: "poll" ann: beárna: roinnt mhór de caithte. "An bhfuil mórán máidhte agat?" – "mám" .i. máidhte a bhfuil de chártaidhibh agam. "Mám conarach": bóthar cnuic ó Dhaingean Uí Chúis go Leitir Iubhach. "Cad tá ghod mhoilliughadh-sa anois?" – "ag feitheamh lem mhám": cuid, roinnt, cion. Fear ar gach mám é sin .i. i ndán aon oibre do déanamh. Níl aon áit go ngeóbhair ná go mbead ar an mám rómhat: ar gach beárnain: i mball gur féidir tu do shárughadh.

mámach: *a.* beárnach, manntach. Sléibhte mámacha .i. go mbíonn bealaigh, lagacha nó beárnacha tríotha mar bheadh manntaidhe.

mamaidhe: *b.4.* ainm leinbh do mháthair. Tair go dtíd mhamaidhe a laogh ghil: do mháithrín ionmhain. "Ach anois ó chídhim do mhamaidhe chugham sa ród, ní gheallaim duit duais ná seód": an mháthair cheanamhail.

mamailíneach: (**maimilíneach**) *f.1.* duine nó ainmhidhe neamh-éascaidh, neamh-thapaidh 'n-a ghluaiseacht, duine liobarnach. Caith dhíot na labhtaisidhe bróg san, táid róthrom, rómhór, ró-aindeis duit. Táir id mhamailíneach aca: "ceangailte den dtalamh",

aindeis. As do lámhaibh is tú an mamailíneach is mó beó, ní fhéadfá faic do choimeád leó: aindeis, neamh-líomhtha: neamh-phras. Im mhamailíneach ge dathachaibh .i. casta ar a chéile: gan lúth nádúrdha mo ghéag agam. Poc ní bhuailfeadh san faid a mharthan ar an bpeil, an mamailíneach: duine neamh-chruinn as a chosaibh. Mamailíneach capaill seadh é, ní ghluaiseann sé slachtmhar .i. gan líomhthacht bheith ag baint leis. Ní bheadh clann gen mamailíneach san!: rud gan anam.

mamalóg: *b.2.* duine, ainmhidhe nó rud gan crot cúmtha air; duine bog baoth. Lé déidheannaighe tá mamalóg déanta dhe, bolg mór a's feóil tagtha air, tamall budh chórach an smut d'fhear é: clódh mío-chúmtha tagtha air. Ó bheith ag síor-itheadh a's imthighthe chun díomhaointis ar fad tá mamalóg déanta dhe: coirpealach gan aon chóraidheacht. Mamalóga gur cuma leó cad bhíonn ar siubhal aca ach bheith ag cur asta: daoine aimideacha ná meádhann a ráidhte. An oiread san aca ag labhairt in aonfheacht liom gan cead freagartha do thabhairt dom go ndeárnadar mamalóg ar mo chosaibh díom: breallsún amadáin.

mamalógacht: *b.3.* amadántaidheacht, aiteas, breilliceacht. Lé n-a chuid mamalógachta féin d'éirigh an tionóisc do, in ionad féachaint roimis is amhlaidh do bhí gothaidhe aige dhá chur air féin: aiteas: ceal gliocais is féachaint roimis féin. Cuiridh uaibh mamalógacht a's téighidh i bhfeidhil bhur ngnótha mar is cóir: aiteas: guagaidheacht.

mámlach: *f.1.* lán duirn, glaice; dornán, crobh. Caith mámlach féir chun an chapaill, tá sé ag siolagar: "crobh", gabhál bheag. An bheirt bhan ag bruighean lé n-a chéile go raibh mámlaigh ghruaige ag imtheacht eatartha: lánta cruibh. Ar cur mo láimhe i ngreim i dtaobh na faille chun ná tuitfinn tháinig mámlach féir liom, is as go bráth liom: an oiread agus go ndeachaidh lámh ceangailte ann.

mana: *f.4.* cúis, adhbhar, mian, cómhartha. Mana do dheór nár chuirir díot maran tú an béiceachán againn: mian golta. Tháinig mana deór air lé maoithneachas ceart nuair chonnaic sé a bhuadhartha is bhí muinntir an tighe: uabhar guil: mhúscail an radharc chun deór é. Mana báis, dar lé lucht piseóg, cearc do clos ag glaodhach: cómhartha. Mana bruighine an rud malluighthe sin do theacht 'n-ár measc: cómhartha is tuar troda.

mana-leathar: *f.1.* barra liobar, ceal teadhail sa méireanntaibh. Na máirnéalaigh an fhaid sin sa bhád bhéal-oscailte fén sín a's ná féadfaidís breith ar na maididhibh lé mana-leathar: gan braithstint ná motháilt ionta. An mana-leathar atá ort ná féadfá do ghreim do chongbháil ar an gclár san?: stangthacht: crapuightheacht. Tá slaghdán no rud is measa 'ná é chugham ar an mana-leathar atá ar mo chorp ar fad: mar bheadh fuacht idir fheóil is leathar.

manaois: *b.2.* siléige, leadrán, moilliughadh, súgradh lé, faillighe. Ná tabhair aon mhanaois sa bhreóidhtigh sin ort nó tiocfaidh sí chun galair duit: faillighe: friotháil in am í. Ní hag manaois do bheadh súd lé duine, an fear fiadhain, dheara, ní headh ach gnóth glan do dhéanamh díot: siar 'saniar: ag súgradh lé. Is iomdha cao mhaith, scaoilte uaidh aige lé manaois, caonna a dhéanfadh fear saidhbhir do dhuine eile: faillighe: neamhshuim shaoghalta. Budh cheart dom san do bheith íoctha fadó riamh agam, ní lé ceal fonn é ach

lé manaois: fuairthéacht: neamhshuim. Caitheamair an tráthnóna ag manaois ar an sráid: ag gabháil thart gan faic dár mbuaidhreamh.

manaoiseach: *a.* siléigeach, leadránach, moillightheach. Ní féidir a shéanadh ná gurb árd-oibridhe é ach é do bheith chómh manaoiseach san gurb éigean an ionga dhearg do chongbháil air chun aonnidh do chríochnughadh: é do bheith neamhthuiseach: neamhshuimeamhail. Ródhéidheannach an leitir d'fhreagairt anois níor cheart duit bheith chómh manaoiseach san: siléigeach: mall i dtaobh a dhualgais. Goirteóchair tú féin leis an arm san ar an slighe mhanaoiseach do bheirir air: neamh-aireach: neamhshuimeamhail. Is minic curtha 'n-ár leith é gur daoine manaoiseacha sinn is gurb annamh bhímíd i ndáiríribh i dtaobh aon ruda: neamhchúramacha: faillightheacha, neamhshuimeamhla. Corruigh! luathuigh! ná bí manaoiseach nó beir in aithreachas: mall: leasc. Caith siar an braon san, ná bí manaoiseach leis .i. ag féachaint air.

mandó: *f.4.* amadán, breallán, focal táire ar dhuine. Léan air mar fhear, nách é an mandó ná féadfadh focal cainnte do rádh 'n-a cheart ná luach pingne: breallán: duine gan eólas. Fasan, a mhandó, as an slighe: a dhuine gan tionnscnamh. Bhítheas ag cur an oiread san ceisteanna orm gan stad gan staonadh gur deineadh mandó dhíom: amadán ar mo chosaibh: breallán. Féachaidh mandó!: duine go dtugann gach éinne fé ndeara é lé n-a bhreallántaidheacht.

manga: *f.4.* mála, tiachóg, mealbhóg. Leag annsan do mhangaidhe, an bhfuil aon earraidhe aindleaghthacha ionta? Chailleas mo mhangaidhe ar an dtraen: m'aistrighthe. Na taistealaidhthe 'sa mangaidhe bóthair .i. málaidhe a's na maingisínidhe ionta.

mangaire: *f.4.* gáineálaidhe (bóthair); díoltóir taistil gréithre, ainm táire do dhuine. Éist, a mhangaire, cé chuirfeadh aon tsuim id ghlór-sa?: a dhuine gan áird air. Ná tuig gur b'aon mhangaire mise agat chun mé do mhí-mheas, nó má tuigtear tá breall ort: duine nách fiú suim do chur ann: gur dí-mheas ag daoinibh a choidreamh. An dtugair ceannuightheóir ceart éisc ar an bhfear san? níl ann ach mangaire!: saghas. Cé ná raibh ann ach mangaire rinne sé mórán airgid sa tsiopa bheag san: gáineálaidhe: díoltóir mion-earraidhe.

mangaireacht: *b.3.* míondíolaidheacht gáineáil, pacaireacht. D'fhéadfá ealadha budh mheasa 'ná mangaireacht do tharrac ort féin: gáineáil: díol mion-earraidhe. Sarar éirigh leis an siopa mór san do chur fé, ag mangaireacht do bhíodh sé ó bhaile go baile a's ó thigh go tigh: ag díol earraidhe beaga. Cuir uaim do chuid mangaireachta ach má táir ar tí margaidh do dhéanamh dein é: cneamhaireacht: beith d'iarraidh ruda do cheannach ar shuarachas. B'fhearr dul lé mangaireacht 'ná bheith ag obair i dtigh ná faghaim aon tsuaimhneas ann: ag imtheacht lem phaca ar fuaid na dúthaighe ag díol bhiorán is snáthadaidhe etc.

mangart: *f.1.* luadar, corruighe. "Níl mangart im chois, tá loca bán fém ghiall/ ní fada bheidh gol ná och!/ ag mnáibh im diaidh" (P.F.): luadar, neart gluaiste. Ní fhágann an aimsir cheódhmhar, mheirbh seo mangart im bhallaibh: bím gan anam gan misneach aice.

manglam: *f.1.* duine bog, borrtha, neamh-phras; aon rud bog, tútach, prácas, meascachán lag, anglais, focal táire. An oiread san comhgus sa chorcán ná féadfá a ndéanamh amach, bhí sé 'n-a mhanglam cheart gan blas gan dath. Muc, féach, ní fhéadfadh an manglam praisce sin d'itheadh: trufais. Fear gan aon déanamh é, cad tá ann ach manglam: míochúmtha, bog. Tairng anáirde do thriubhas ort, tá sé 'n-a mhanglam tímcheall do thóna: ar sileadh go neamhghasta. Seo chughainn manglam: duine aindeis, míochúmtha. Éadach gan mhaith é sin, níl ann ach manglam bog: gan cruadhacht, gan tathnag gan déantús ceart. "Grádh marbh nó manglam doicéidh" .i. síol eitinne. Féar ná fuil sábhálta 'n-a cheart, níl ann ach manglam: rascalach bog. Tuitighthe chun feólmhaireachta gan ann ach manglam: aindeis, bog.

mánla: *a.* mín, miochair, ciúin, módhamhail, stuamdha. Bail ó Dhia uirthe, is mánla an cailín í, deaghlabhartha, deaghnósach: mín, íseal 'n-a hiomchar. Ná labhair go míomhánla choidhche le mnaoi: mío-chuibheasach: neamhchaoin, neambanamhail. Leanbhaidhe mío-mhánla go gcuirfeadh a gcuid cainnte náire ort: borb. Ní maith ná ní mánla an tsúil atá aige dhá thabhairt ort: cneasta: ciúin, socair. D'fhoghlumuigh sé gach aon bhéas budh mhío-mhánla 'ná a chéile go ndeárna ropaire dhe: urchóideach. Nílir rómhánla indiugh pé rud atá ag cur as duit, cad fáth bheith chómh goirgeach: séimh: cneasta. Bí mánla liom, ná bí ag béicigh orm: cneasta. Dá ghoirgighe a bhí sé is dá mhíneáirighe bhí sé tá sé mánla go maith anois: mínighthe: an t-olc 'san stalcaidheacht bainte as.

mánlacht: *b.3.* cuibheas, míneacht, ciúineacht, miochaireacht, módhamhlacht, stuamdhacht. Lé n-a mánlacht focal ní labharfadh sí ar a son féin: banamhlacht: cúthaileacht: cúlbhántacht. Lé n-a mhío-mhánlacht b'eagal leat focal cainnte do rádh leis, ná go snapfadh sé an ceann díot: deacracht dul 'n-a threó chun a chainntighthe. Cé hé a gheóbhadh locht ar a mhánlacht? focal borb ná sclaimh níor thug ar éinne riamh: miochaireacht: láighcheacht. Gheóbhair mánlacht sa tigh ósta san: cúirtéis, freastal a's béasa. Luisnigheann sí lé mánlacht: deargann a haghaidh lé cúlbhántacht: cúthaileacht ná tabharfí fé ndeara í. Ní lé n-a mhánlacht atá sé ag fanacht socair: macántacht mhianaigh. Mná na hÉireann áitrighthe lé n-a mánlacht: cuibheas, subháilce na geanmnaidheachta. Mánlacht chainnte: cainnt gan buirbeacht.

mannrán: *f.1.* crónán, glór bog, binn; monabhar; duanaireacht, cnáimhseán. B'aoibhinn suidhe cois abhann go haonaireach ag éisteacht lé n-a mannrán: labhairt, monabar an uisce ag rith go ciúin, cómhshnáthach. Ag gabháil an bhóthair, suidhte ar an ualach do féin, ag mannrán 'sag meilt na slighe: duanaireacht. Mar ghluaiseann an t-inneall san chómh mín sin go mbíonn mannrán aige: glór ceólmhar. Ná bíodh mannrán asat nó má bhíonn ní bhfaghair faic mar ná fuil cúis chainnte agat: glór mío-shásta. Ní fheaca riamh thu ach ag mannrán ar a luighead a bheadh ort: ag cnáimhseán. Cuireann mannrán na mara annso ar an dtráigh uaigneas orm siar san oidhche: síor-ghlór.

mannránach: *a.* glórach, crónánach, ceólmhar. An abha bheag mhannránach a ghluaiseadh de cheann mo thighe brathaim uaim í: glórach, binn. Ní mannránach an glór a bhainim as an ngléas ceóil seo mar ná fuil taithighe agam ar sheimint: ceólmhar. Tigh

ró-mhannránach d'aonne chun obair cinn do dhéanamh ann é ge n-a bhfuil de mhalrachaibh calláin ann: glórach.

mannta: *f.4.* beárna, méiscre, suidhe fiacaile ar iarraidh; an méid a bhainfeadh an béal as an rud nó a brisfí de rud. Chuireamair mannta mór, maith san obair indiugh: dheineamair cuid mhaith. Bhaineamair mannta as: chuireamair beárna ann: ní rabhamair chun deiridh leis an méid do dheineamair. Staith an fiaclóir cuid mhaith fiacal uaim a's tá mo bhéal lán de mhanntaidhibh: beárnacha: slighthe folamha. Cé hé an ganfhiosaidhe a bhain mannta as an gcíste seo?: greim (béil). Dar leat ná raibh an tseanmheilit scine sin olc a dóthain gan bheith ag baint manntaidhe aiste lé tairngidhibh: blúiridheacha dá faobhar go mbí neamh-ionann 'n-a thaobh. Cómhartha na caorach mannta as an gcluais dheis: blúire gearrtha amach aiste. Tar éis uisce na hoidhche do baineadh mannta mór as an bhfaill: thuit cuid mhór di a's d'fhág san beárna nó follamhas ann. Chun aon mhaitheasa do bheith sa tuireasc níor mhór dos na manntaidhibh do bheith níos doimhne: na gearraidheacha idir na fiacla. Cé gur beag dá bhuidheachas ná dá chuimhneamh agat, is iomdha mannta maith d'ithis sa tigh seo: greim soghail bídh. Ná beifeá ag baint mannta as, is tú an fear is moille ag itheadh: iarracht do thabhairt ar ghreim bheag d'itheadh. Mar gearrfí lé rásúir iad, baineann na fíogaigh manntaidhe amach as an iasc: canntaidhe. Do bhain tógaint an tighe mannta mór as mo chuid airgid: dhein sé poll mór ann. Áit fhiadhain, mhío-ádhmharach seadh é, ar feadh an chósta ar fad níl mannta mara: clais (góilín) isteach sa talamh. Ná cuireadh cainnt an mhandó san aon mhairg ort, ní bhainfidh sí aon mhannta asat: greim .i. beidh do chneas slán 'n-a dhiaidh. An t-amplóir, gach aon mhannta aige ag itheadh: geanncanna taithigeacha. Chuir na piléir gunna mhóir manntaidhe móra sa bhfalla: puill.

manntach: *a.* beárnach, méiscreach, easbhaidhtheach, searrach, eagach, gágach. "Seanbhean mhanntach ó ghleanntaibh na dtor/ píp aice 'n-a dranndal/ 'sí ag damhas as a corp": ar easbhaidh fiacal. Tar éis na hoidhche bhí an bhallóg manntach ges na luchaigh: geanncanna beaga creimthe aiste annso 'sannsúd. Ní gearradh glan do fuair sé ach stracaithe leis an sciain mhanntaigh: scian go raibh eagaidhe 'n-a béal. Thugas fé ndeara go raibh an taobh slán des na háraistidhibh manntacha leat: iad súd go raibh blúiridheacha briste amach as a bhfaobhar. Bolla, cupán, scian, béal etc. manntach: clais nó easbhaidh nár dhual annso is annsúd. Sraith fhada, mhanntach chnoc .i. árd is lag ar nós béil tuireasca. Budh chuibhe dhuit do bheith níos cúramaighe, tá do chuid oibre an-mhanntach id dhiaidh: áiteanna thall 'sa bhfus gan déanamh. Fágfad-sa béal manntach agat mara gceapair do shuaimhneas: bainfead fiacla asat. Dá mhanntaighe é ní haon nath aige crích do chur ar gheannc fheóla: dá luighead líon a chuid fiacal d'íosfadh sé cuid mhaith.

manntachán: *f.1.* duine go mbíonn fiacla ar iarraidh aige; tut-bhalbhán. Á, éist, focal ní thuigim uait, a mhanntacháin: tut-bhalbhán: duine a labhras go heasbaidhtheach, neamhchruinn. Sin é an cur siar amháin atá air gur manntachán é, is gur b'árd-dheacair uaireannta a chuid cainnte do thuigsint, bíonn sí chómh leachta san: go mbíonn snag 'n-a ghlór.

manntaighe: *b.4.* ar aiste do bheith manntach, méiscreach, tut-bhalbhaidheacht, díth fiacal. Níl ionam labhairt go soiléir toisc a mhanntaighe atáim, is gránda é ceal na

bhfiacal: fiacla ar iarraidh. Manntaighe na scine a strac an croiceann mar sin: beárnaighe: neamh-ionannas a béil. Dá mbeadh manntaighe ionat ní bheadh oiread cainnte agat .i. nách truagh gan tut-bhalbhaidheacht ionat chun srian do chur léd theangain. An-fhuraiste greim d'fhagháil ar an gcarraig toisc a manntaighe: a méiscrighe .i. claiseacha a's méiscridhe ag rith tríthe.

manntáil: *b.3.* do dhéanamh manntaidhe, eag, méiscridhe, do bhaint geannc nó smut as; creimeadh; mion-phriocadh. "Dá mbeadh a fhios agam-sa" ars an cócaire, "cé bhí ag manntáil ar an gcíste seo, maran deas an crot atá tugtha air, thabharfainn-se cluaisín do": ag baint greama as i nganfhios. An fharraige ag manntáil na talmhan léi ó bhliadhain bliadhain mar a bhfaghann sí an talamh bog: ag baint smuit de. Cad é an mhanntáil atá agaibh ar an gceann muice sin ach é do chur ag beirbhiughadh in aonfheacht: blúire dhe anois is blúire dhe airís. An mhanntáil a rinne na luchaigh thar oidhche ar an arán: creimeadh: mion-ghreamanna do bhaint as annso a's annsúd. D'fhan cuid mhaith mhanntála i ndiaidh lóin, agus mara raibh scrúiteam air ní lá fós é, ubhall ag fear, blúire aráin ag duine, subh ag duine eile is mar sin de: fuighleach bídh: greamatghail. An rud go mbítear ag síor-mhanntáil air ní buan é: go mbítear ag baint blúire dhe gan faic do cur 'n-a ionad. Nuair bhíonn céad rud ag glaodhach ar dhuine ní deacair manntáil ar mhúirle beag airgid: puill do chur ann. Is gránda an béas bheith ag manntáil mar sin gan fanacht leis an mbiadh do chur ar an mbórd: greim anois is greim airís, nó bheith ag tástáil gach aon chuid den mbiadh. Ní raibh a dhóthain ann, ach bhí manntáil mhaith ann: roinnt mhaith lé n-itheadh. Ar an méid manntála do gheóbhfá i gcarcar ní bheadh aon teasbach ort: adhbhar bídh.

manntálaidhe: *f.4.* duine a bhíos ag síor-theangmháil lé biadh gan béile aon uaire do dhéanamh de, nó ná tagann in imeall an bhídh mar is ceart ach blúire annso agus annsúd; creimire. Is díoghbhálach na manntálaidhthe in iothlainn luchaigh, an méid ná hithid laitid: creimiridhe. Manntálaidhe leinbh ná fágann císte ná cáca ar fuaid an tighe gan greim do bhaint as: ghá bhriseadh lé n-a bhéal. Manntálaidhe fiadhain chun tobac é: baineann geannc anuas lé n-a fhiaclaibh agus cognann.

manntughadh: *f.* (*-uighthe*) do bheárnughadh, méiscriughadh, do bhaint geannca nó greama as. Budh chuimhin liom talamh glas do bheith fiche rann síos as so níl ann anois ach uisce, nách mór an manntughadh ag an bhfarraige é: itheadh. Is mór an manntughadh atá déanta ar a chuid airgid aige níl a sheachtmhadh cuid aige: puill déanta aige ann. Béas ag garsúnaibh ar scoil bheith ag manntughadh na suidheachán le sceanaibh: ag cur eag ionta: ag gearradh a n-ainmeacha ionta etc. A thuilleadh manntuighthe ní fhéadfá do dhéanamh ar an gcloich sin, is amhlaidh atá sí ag dul i gcruinneas is i gcruadhacht: breis do bhriseadh dhi. An tsín do dhein an manntughadh san ar na carraigeachaibh sin: a chuir na méiscridhe go léir ionta. Dhein an fiaclóir manntughadh ar do bhéal-sa ach go háirighthe: stathadh fiacal.

manntuighim: *b.a.* beárnuighim, méiscrighim, creimim, bainim smut as. Cad do mhanntuigh thu? níl chúig fiacla id dhranndal: cad do bhain asat iad? Manntóchaidh an turus fada so anois do dheascáinín airgid, is lugha go mór a bheidh ag filleadh agat ná tá ag imtheacht agat: bainfidh "béic" as: cuirfidh poll ann. Mhanntuigheas barra mo bhróige

nuair bhuaileas i gcoinnibh stacáin é: bhaineas smut amach as. Cad ná manntóchadh an fharraige?: a scarfadh smuit as lé n-a fuinneamh 'sa neart. Manntóchaidh na báid fé thuinn a thuilleadh den luingeas tráchtála sara staontar iad: beid ag baint cinn (gé) ar cheann asta.

manntuighthe: *a.r.* beárnuighthe, méiscrighthe, creimnighthe. Nách gleóidhte, manntuighthe an clódh atá tugtha ar an sciain anois agat d'iarraidh an stáin sin d'oscailt!: beárnuighthe: eaganna innte mar bheadh i mbéal tuireasca. An bhallog chómh manntuighthe sin ná leigfeadh náire dhom a chur ar an mbórd os chómhair daoine iasachta: greamanna aiste thall 'sa bhfus. Eagla a croidhe ar Shasana go mbeidh an luingeas tráchtála ró-mhanntuighthe sara dtagaidh cabhair ón Oileán Úr uirthe: beárnaidheacha curtha innte. Fiacal níor fágadh im dhranndal, táim manntuighthe ar fad! Faid bheifeá ag féachaint thart bhí an breac manntuighthe aca idir cheann is earball leis an ampla: ithte.

maoidheachtain: *b.3.* tagairt mholta; aithris scéalta ar dhuine féin lé n-a fheabhas; móradh blomasach, áidhbhéiseach, bóibéiseach as acfuinn fheabhas; ionad saoghalta, maoin nó aon rud a bhaineas lé duine féin. Ná tógtar aon cheann den mbladhgaire sin, sin é mar bhíonn sé ag maoidheachtain is gan aon mhaith ann: ag suidheamh go baothuaibhreach a fheabhas féin thar gach nduine eile: ghá fhógairt go baothghlórach gur féidir leis rudaidhe d'áirighthe do dhéanamh, go bhfuil tréithe áirighthe aige, etc. Ag maoidheachtain as a chuid talmhan: ghá chur in iúil go glórach ná fuil a lithéid eile ann. Ag maoidheachtain as fheabhas a scoláireacht: ghá fhógairt go hárd, blomasach ná fuil neach eile mar é. Ní bheinn ag maoidheachtain dá me thu: ní bheinn d'iarraidh me féin do chur os chionn chách ar mo bhéal. Mhuise an t-aindeiseóir, níl mórán lé maoidheachtain aige .i. níl sé go maith as i maoin shaoghalta, nó níl a shláinte ar fheabhas. Mo thuairm láidir gan chor gan chlaon, ná fágfadh sé mórán lé maoidheachtain ag an gcuid is fearr aca .i. ná beidís ar chumas a rádh gur bh'fhearr iad 'ná é.

maoidheadóir: *f.3.* bladhgaire, scaothaire, buailimsciath, bóiscéalaidhe, duine go mbíonn formad aige lé maith shaoghalta dhuine eile. Ní gádh dho éinne an buabhall do shéideadh dho, maoidheadóir maith é féin: duine atá i ndán é féin a's a chuid do mholadh ó thalamh. Ní bheadh oiread agus luach pingne de bhreis agat air nuair bheadh formad air an maoidheadóir: duine droch-aigeanta gur mór leis agus gur goirtightheach leis aonnidh breise do bheith aige éinne air.

maoidheamh: *f.1.* (*-dhte*) aithris, fógairt, geallamhaint, tuaradh, moladh dhuine féin go hárdghlórach, bóibéiseach; bladhgaireacht, bladhgar, scaothaireacht, buailimsciathacht. Tá athrughadh aimsire air, tá an tráthnóna ag maoidheamh: ag tuaradh droch-aimsire. Á, agus fuair sé bás! b'fhada dhá mhaoidheamh air é: dhá thuaradh: cómharthaidhe an bháis lé fada air. Ní hag maoidheamh asam féin atáim, ach ní raibh fear ag dul 'on bhaile mhór go dtabharfainn mo chúl leis: ghom mholadh féin thar mar is fiú me. Is minic minic do thugas lámh chabhartha leis an bhfear san, ní ghá mhaoidheamh ar Dhia é, agus is beag buidheachas anois aige orm: ghom mholadh féin i láthair Dé é chun loghaidh d'fhagháil 'n-a thaobh (an charthanacht san do dhéanamh). Dá ndeineadh san aonnidh dhuit bheadh sé ghá mhaoidheamh choidhche ort: ghá chur in iúil go ndeárna sé é agus ag

samhlughadh go rabhais fé chomaoin aige. Ag maoidheamh a mhaitheasaidhe ar na daoinibh: ghá gcur in iúil a's go raibh an dream go ndeárna sé ortha iad fé chomaoin aige. Ní nár do maoidheamh (thiar) as féin, an laoch! mo ghradhain é (searbhas) .i. cúis mhagaidh bheith ag éisteacht leis ghá mholadh féin is gan aon tsaghas buannachta aige chuige. A ghean ag maoidheamh gáire ar a raibh láithreach nuair sheasaimh sé os a gcómhair chun labhartha: fáth an gháire ag teacht ortha lé háthas é do bheith eatartha. Fear mór maoidhte thu: duine gur b'é a mhian 'sa mhianach bheith ghá shár-mholadh féin nó aon rud is leis, nó duine a chuireas in iúil an formad a bhíos aige lé cách fé n-a mhaith saoghalta. Dhéanfá na huirc is na hairc ar do bhéal, níl ann ach maoidheamh na bhfaidhneóg .i. focail mhóra is mogaill fholamha. Ní haon mhaoidheamh d'éinne a dhualgas do chóimhlíonadh: rud gur cúis molta do dhuine féin é. Chuala an tsidhebhean ghá mhaoidheamh go pras go mbeadh Éire fós ag Cáit Ní Ghuidhir: ghá shuideamh go beo, aibidh. "D'fhág sé fiche míle púnt 'n-a dhiaidh" – "is mór an maoidheamh a leath": bladhgar: áidhbhéis. An maoidheamh do rud do bheith aige nuair bhí slighe aige ar é do dhéanamh?: rud gur gádh dhó éirighe anáirde ná mórdháil do bheith air 'n-a thaobh. Aon rud ach a rádh gur bhuadhais orm, níl faic lé maoidheamh agat: do bheith ag bladhgar as lé t'fheabhas. An saoghal mór ag maoidheamh orm: i bhformad liom. Más ar mhaoidheamh é, táim-se chomh maith d'fhear lé héinne aca: má téightear ag cur feabhasa nidhthe i gcomórtas lé chéile. Is mór lé maoidheamh aca ortha féin gur thug an t-uachtarán cuaird ortha: cúis mhórdhála. Nílir lé maoidheamh in ao'chor: lé moladh. Lucht maoidhte óir: daoine a bhíos mórdhálach glórach as a gcuid saidhbhris. Mhaolóchadh an maoidheamh na cnuic!: an mhotháilt formaid do spreagann bail chách is an crádh a leanas a cheal do bheith ar dhuine féin.

maoidhim: *b.a. 7 n-a.* molaim ós árd, móruighim me féin, glóirighim, casaim lé, suidhim (rud), tnúthuighim. Maoidhfead choidhche as do ghaisce an lá úd, is é is lag liom mo ghlór: molfad go cannaibh na gréine thu 'n-a thaobh. "Cé mhaoidhfidh anois?" deirtear nuair bhíonn rud éigin déanta gur deacair buadhachtaint air nó gur dubhshlán é. Táim-se cortha is ní maoidhtear mo shaothar: moltar é. Ná maoidh asat féin, cad tá déanta agat?: ná mol tú féin ná do thréithe. Ní dheárna sé faic riamh ná gur mhaoidh sé é: chuir sé in iúil go ndeárna is go raibh creideamhaint nó cúiteamh ag dul do as. Mhaoidhfeadh sé cianóg ort, tá sé chómh sprionnlaithe sin: chasfadh sé leat gur thug duit í nó go raibh ag dul chuige uait. Nuair chualaidh sí an tagairt mhíonla don té go raibh cion aice air do mhaoidh a gean gáire uirthe: d'fhoillsigh fáth gháire tímcheall a beól. Maoidheadh gach éinne a shlighe féin: moladh. Nár mhaoidhidh Dia do shaoghal ort maran b'é atá go ceannuighthe agat: ná raibh formad ag neach beó leat. Ní bheinn fé chomaoin agat, mar is pras do mhaoidhfeá orm é: do chasfá liom go rabhas i lúib do mhaitheasa. Ná maoidh as mhéid do sparáin, breághthacht do mhná na mílseacht do chuid leanna: ná bí ghá aithris do chách go sáruighid ar a lithéididhibh ag daoinibh eile. Is beag duine ná maoidheann a áit dúthchais: ná labhrann go mórdhálach as. Is fearr an mhaith a maoidhtear 'ná an mhaith ná deintear in ao'chor: a castar lé duine: a "caithtear sa bhéal" air. Nuair bítear tréis ghabháil trí anródh nó buaidhreamh nó rud do ghnóthughadh go dian, dochraideach, deirtear "nára mhaoidhtear ort é" .i. ná raibh neach in éad leat 'n-a thaobh. Mhaoidhfeadh sé céad slat go maith sa rás air: bheadh an méid sin breise aige air. Ó, ní fheadar cad dhéanfadh an fear, olc ná maith, ach mhaoidh sé liom-sa é: bhladhm: mhóruigh é féin go raibh i ndán a dhéanamh: chuir sé in iúil go bladhgarach.

maoidhmheachas: *f.1.* maoidheamh; suidheamh baoth, mórdhálach, glóirighthe as dhuine féin. Sé maoidhmheachas Shasana riamh gur fúithe féin atá an mhuir. An maoidhmheachas is mó 'sis fearr lé linn báis do dhuine, a bheith lé rádh aige go ndeárna sé a dhualgas: cúis áthais: rud nách misde dho dhuine bheith mórdhálach as.

maoidhte: *a.r. 7 r.é.* suidhte go mórdhálach; casta le duine; molta (thar ceart). "An gadaidhe é, dar leat?" – "tá sé maoidhte air ach go háirighthe": ráidhte. Bhí sé maoidhte air go raibh múnla aige chun airgid do dhéanamh: ráidhte go formadach, éadmhar. Ní maoidhte a mbeatha ar dhaoinibh gen gcogadh so .i. níl neach go mbeadh formad aige leo .i. truagh seadh iad ar a bhfuil de dhuadh is de bhuaidhreamh ag breith ortha. Fiafruighim díot an maoidhte ar éinne a chuid mhín, mhacánta féin d'éileamh i ndlighe mara bhfaghann go suaimhneasach é?: milleántach: an ceart bheith 'n-a choinnibh mar gheall air? A bhuidhe lé Dia nár néas aonnidh riamh atá chun maoidhte orm: is féidir do chasadh liom a bheith cam ná mícheart. Má fuair sé an oiread san féin, dá mhéid é, ní maoidhte air é .i. bhí sé tuillte go maith aige, mar bhí a dhuadh fachta aige. Níor bh'iongadh gan aon rath do bheith orm leis, mar is é a bhí go maoidhte .i. go ndeárnadh an oiread cainnte dhe a's a raibh dá bharr agam. Péaca dréir ealadhan cogaidh é nó nách eadh, ní gníomh maoidhte d'aon tír láidir tír lag do shealbhughadh: onórach .i. gur bh'fhéidir mórdháil ná meas do bheith 'n-a thaobh. Neamh-thor do thabhairt ar theallaire deiliúsach is ion-mhaoidhte an rud duit: sásacht do bheith ort 'n-a thaobh is mórdháil do bheith as. Maoidhte gen dtaobh ar a chéile go mbuadhfaidh siad: ráidhte go teann aca os chómhair an tsaoghail. Ní maoidhte a bheatha ar éinne a bhíos ag obair thíos fé thalamh: níl cúis formaid ag neach lé n-a buige.

maoidhteach: *a.* bladhgarach, áidhbhéiseach, mór-uallach, bladhmanach, formadach. Líonadar na páipéir dá moladh féin as an gcath do bhuadhachtaint, is iad do bhí go maoidhteach as a ngaisce: bladhgarach: áidhbhéiseach: ag suidheamh a ngníomh go hárdghlórach. Ná bí chómh maoidhteach as do mhaoin, tá daoine ann is gustalaighe 'ná thu: ná bí ag labhairt áidhbhéise ar a bhfuil agat. Ceólán maoidhteach, is beag a bheadh aige nuair cloisfí é: mórdhálach as shuarachas. Is mío-chráibhtheach bheith maoidhteach ar éinne fé n-a chuid: formadamhail. Maoidhteach ar gach éinne ach ort féin: do shíor ag mannrán i dtaobh baile an fhir thall is gan aon tagairt duit féin dá mhéid a bheadh agat. An tsláinte cuibheasach aige gan bheith maoidhteach: ann as, gan bheith ar aiste gur bh'fhéidir leis labhairt go teann. Níor bh'aon náire dhuit bheith maoidhteach as a bhfuil déanta riamh agat dos na daoinibh: meas do bheith agat ort féin os chómhair cách. Táir maoidhteach ar dhá chuma, ní stadair ach ag moladh do choda a's tú féin, is má dheinir maith ar dhuine ní cloistear a dheireadh go deó: bladhgarach, easonórach.

maoidhteacht: *b.3.* bladhgaireacht, bladhmanacht, formadacht. Níl aon mhaoidhteacht ag baint leis, níor chás leis ná go mbeadh ór ar gach méir leis gach éinne: aon droch-aigne ann fé mhaith shaoghalta éinne. Ithte gen maoidhteacht do, é féin fuar, bocht, dealbh gan faic aige, an saoghal mór eile a's druinn ortha lé saidhbhreas .i. é go cásmhar cráidhte aon fhoillse do bheith ag neach eile. Níl aon chall lé maoidhteacht agat, chonnac fiche fear a dhéanfadh san i bhfad níos sonaoidighe ná tusa: áidhbhéis as t'fheabhas d'fhear.

maoile: *b.4.* (**maoileacht**) luime, neamhghéire, cúthaileacht, ciúnas, lagughadh, ceal faobhair, réidheacht, ceal gruaige, etc., ceal cosanta. Tá eagla orm i dtaobh an duine sin ná déanfaidh aon dul chun cinn go deó, tiocfaidh a mhaoile leis, níl crích ná cur chun cinn ann: cúthaileacht, támáilteacht: ceal misnigh é féin do chur in iúil. Pé rud a thiocfaidh leis ní maoile é, cuirfidh sé é féin in iúil pé áit do gheóbhaidh sé: ciúnas: neamhfhonn a fhiadhnaise do chur 'n-a luighe ar dhaoinibh. Leath chómh fiadhain agus bhíodh sé, níl anois, chuaidh maoile air: ciúnughadh, lagughadh. An scian so ní ghearrfadh sí ím lé n-a maoile: ceal faobhair: neamh-ghéire a béil. Tá an lá ag dul i bhfaid anois, is neart ag teacht sa gréin, beidh an aimsir ag dul i maoile: ag teacht anuas. An bhfuil aon mhaoile ag teacht ar an gcogadh?: lagughadh. Is eól don saoghal mór maoile an duine seo, níor chuir bréag ná scéal ná cruisteach ar neach riamh: gan aon mhairg aige dhá chur ar éinne. Ní phósfadh sí é lé n-a mhaoile: ceal fuilt cinn. Is furaiste foghail do dhéanamh ar an dtalamh so lé maoile na gclathach: gan iad do bheith árd ná géar. Maoile na carraige, na gcnoc etc.: ceann cruinn, neamh-ghéar ortha.

maoileann: (**maoilinn**) *b.2.* cnoc go mullach neamh-ghéar; árdán réidh; mullach. Ceódh ar an maoileann: cnoc íseal, réidh. Mo thigh ar mhaoileann: árdán: cnocán.

maoilín: *b.4.* bó mhaol; cnocán, carraig neamh-ghéar mhara a nochtann leis an dtaoide. Ag baint iascán ar na maoilínidhibh: carraigeacha neamh-mhéiscreacha go dtrághann ortha. Maoilínidhe ba is mó atá ag feirmeóiridhibh anois, is ar a ngamhnaibh is mó bhíonn luach: ba gan adharca. Maoilín beag chun éadaigh do nighe ann é sin: dabhach nó drabhlach beag.

maoin: *b.2.* saidhbhreas, gustal, cóir, cumas, tairbhe, aisce, focal ceana. Sé a bhfuil de mhaoin shaoghalta agam aon scilling amháin: saidhbhreas: earraidhe na beatha so. Ní lugha mo mhaoin ná mo mhuirghean .i. tá níos mó muirearaighe orm ná tá gustal agam: bíonn mo dhá dhóthain cúraim orm gach iarratas do shásamh. Mo mhaoin thu, ná bí ag caoi: a ghrádh gil. Is clos dom go bhfuil maoin caorach ar an oileán aige: mórchuid gur fiú airgead iad. Níl beann ge n-a mhaoin ar an méid sin airgid do chailleamhaint: gustal. Á, dheara, mhuise dá mbeadh maoin aige budh mhaith é .i. dá mbeadh cumas aige air is é a bheadh fial, caithteach.

maoineach: *a.* gustalach, saidhbhir, cumasach, gaolach, grádhach. Is minic ná bíonn na daoine maoineacha sona d'aindeóin a strusa: saidhbhre. Má tá rud aige is é atá go maoineach fé, ní leigfeadh sé folamh an té a bheadh i ngádhtar. A mhaoineach (mhaoinigh) táim lán de ghrádh dhuit: múirnín. Den mbeirt is é an fear beag mo mhaoineach: mo rogha.

maoinighim: *b.a.* saidhbhrighim, feabhasuighim. An chamasghail agus an feall do mhaoinigh iad go raibh na leaga liatha aca: do neartuigh i strus iad. Tá sé chómh holc san ná feadar cad mhaoineóchadh a shláinte: a fheabhasóchadh í.

maoinín: *b.4.* múirnín, stóirín. Mo mhaoinín thu, is truagh liom tinneas do bheith ort: a ghráidhín. Duine gur béas aige "mo ghrádh" is "mo laogh" do bheith go mion minic 'n-a bhéal, tugtar "maoinín" air.

maoirseacht: *b.3.* feidhm maoir, feadhmanas, reachtaireacht, ceannaireacht, riaghladh, órdughadh, stiúradh, riaradh, bainistidheacht, ceannasacht, feidhil. Caithfir cunntas do thabhairt id mhaoirseacht: bheith freagarthach sa chúram do cuirtear ort lé déanamh. Cé tá ag maoirseacht na feirmeach so?: atá 'n-a feidhil.

maoithe: *b.4.* buige, laige, scáinteacht, séimhe. Tháinig maoithe croidhe orm ná féadfainn dul i ngoire an chorpáin: lagachar. Maidir lé maoithe dho fuaireas ó n-a raibh tímcheall orm san ósbuidéal é: séimhe: cineáltas.

maoitheadóir: *f.3.* bladhgaire, bóisceálaidhe; tnúthadóir; formadach; éadaire. Choidhche ní bheinn fé chomaoin ag maoitheadóir ná stadfadh ach ghá chur i bhfighis ort an tairbhe a bheadh déanta aige dhuit: duine a bheadh ag caitheamh na maithe sa fiaclaibh ort. Ní bheidh aon rud 'n-a chodladh sa mhaoitheadóir ná go gcraolfaidh don saoghal mhór é: duine a mholas is a mhóruigheas go háidhbhéiseach é féin, a mhaoin, a chuid 'sa thréithe. Aigne shuarach smáil a bhíos ag maoitheadóir, gur b'é an scian tríd an gcroidhe leis oiread an frighe de mhaith nó de thairbhe do bheith ar an bhfear thall: éadaire.

maoithighim: *b. n-a.* ceisnighim, brónuighim, goillim. Duine so-chroidheach, leanamhnach a mhaoithigheas lé hiomard dhuine: go dtagann brón is taise air. Ní mhaoitheóchad ar threascairt mo namhad, beagán deór a shilfead ar a son: ní ghoillfidh a toisc orm.

maoithmheach: *a.* bladhgarach; baoth-mhórdhálach, formadach, tnúthmhar, éadmhar. Ó, náire chuige, duine gan aon mheas air féin seadh é, tá sé ró-mhaoithmheach, cuireann maith nó rath a cómharsan buaidhreamh an diabhail bhuidhe: formadach, tnúthmhar: cráidhteach: céasmhar. Budh chuma liom cad bheadh ag éinne, ór ar sileadh leis, ní bheinn maoithmheach air: éadmhar: a rath ní chuirfeadh cás ná cathughadh orm. Ní nár dóibh do bheith maoithmheach as a maoin, níor ghnáthaighe leó 'ná an taos leis an oighean aca: mórdhálach. Ar dhá thaobh an chogaidh táid maoithmheach as a ngníomhtharthaibh, is deacair a rádh ceaca do chreideamhaint: bladhgarach: ag cur a sheacht n-oiread lé n-a mbíonn déanta aca. Ní nár dúinn bheith maoithmheach as áilne ár dtíre: mórdhálach dréir cirt. Cá bhfuil do neart maoithmheach?: go bhfuil oiread san cainnte déanta dhe. "Is maoithmheach liom mar taoi", deirtear san lé duine gurbh é do thuairm nár gheall ar a theist é.

maoithmheachas: *f.1.* bladhgar, bladhman, baothmhórdháil; scailfhéithean, formadas, éadmhaireacht. Níor bh'aon nidh liom-sa fear a déarfadh, "táim os chionn mo chumais" ach nuair cloisfeá an maoithmheachas "níl beann agam ar éinne i dtaobh airgid": an áidhbhéis gan cur leis. Ar fhilleadh lé scéala go bhfuair an namhaid brughadh is scriosadh budh mhór é maoithmheachas na ndaoine: mórdháil is áthas. Cad do dhéanfá is cad ná déanfá níl againn air ach do chuid maoithmheachais féin, dearbhuigh gníomh dúinn: scailfhéithean: scórnaghail bhrághad gan teasbánadh. Is mór leat greim lé cur n-a bhéal do bheith ag éinne ach agat féin. "Tá so ag siúd" is "tá siúd ag seo, is gan faic agam féin", táir ithte gen maoithmheachas: formadas: tuirse croidhe is crádh aigne rud do bheith ag

an gcómharsan. Nár mhór é maoithmheachas mo chómharsan liom toisc a fheabhas d'éirigh liom ná beannóchaidís sa bhóthar dom: formad.

maoithneach: *a.* brónach, truaighmhéileach, mothálach, truagh. Ní bheinn maoithneach 'n-a thaobh dá me thu, is mó de shuim dhá chur agat ann 'ná b'fhiú é: mothálach, duairc. Radharc maoithneach dob eadh an triúr aca d'fheicsint marbh annsúd tar éis na hoidhche: corruightheach: a mhúsclóchadh taise is brón ionat. Budh mhaoithneach an gníomh uaidh bailiúchán do chur ar bun dos na díleachtaidhibh bochta: truagh is mian cabhartha.

maoithneachas: *f.1.* truagh, taise, so-chroidheacht, boigéis, so-chorruightheacht chun caointe (bróin); aithmhéal, goin; claonadh lé mothúilt braithstinte an chroidhe féin. Ar fhilleadh dom dhúthaigh féin tar éis na mbliadhanta buana do chaitheamh thar lear chuir sé maoithneachas ar lár mo chroidhe istigh ná raibh sa tsean-áit ach fothrach a's mo shean-chómhluadar go léir ar feódhadh: líon sé mo chroidhe de bhrón is de thuirse, d'uaigneas is de dholbhach. Creid me leis go bhfuil maoithneachas orm go ndubhart aon rud, fiú amháin go neamhthuiseach, a ghoill ort: aithreachas trom. An clódh a bhí ar an dtigh sin agus ar na leanbhaidhibh a bhí ann, salach, barcach, neamh-chríochnamhail is dúr an croidhe ná go gcuirfeadh sé maoithneachas air: go gcorróchadh sé chun truaighmhéile is bróin. Ná cuirfeadh sé maoithneachas ar dhuine machtnamh ar a bhfuil de bhiadh bhreágh dhá chur ar thóin puill is a easbaidh go dóighte ar na sluaightibh: arraing: tinneas cráidhte. Cuireann sé maoithneachas ar gach éinne tú do bheith ag réic do shaoghail is do shláinte lé hólachán: goilleamhaint throm croidhe. Á, is mór an maoithneachas atá ann, mara mbeadh ar dhuine ach oiread púint bioráin bheadh sé ghá cháiseamh: buige croidhe: chomh claon lé leanbh chun deór.

maol: *a.* gan bheith géar, sleamhain, réidh in uachtar, gan gruaig, adharc etc., neamhfhaobharamhail, tréigthe, scéirdeamhail, lom; gan goimh, gearra, siar ar an méid a bheadh riachtanach, lán dréigean; cúthail, cúlbhánta, neamh-charáisteamhail, támáilte, scáinteach, lochtach, easbhaidhtheach. Ars an fear seóidh, "i láthair Dé! piast mhaol dob eadh í gan chluas gan adharc!" (dhá bhall ná bíonn ar phéist). Clocha maola, cruinne ó ghoilleamhaint an uisce: an taobh amuigh bheith sleamhain, réidh gan bior, gan méiscre. Deirtí go bhfeictí cóiste maol ag taisteal na mbóithre i gcoim oidhche: gan capall ghá tharng (tharrac) ná aon chómhacht soi-fheicse chun a ghluaiste. Táim a dathad mhaol (cartaidhe) .i. i ngiorracht aon don gcluiche ach ní mór dom cúig eile. Níl aon oidhre ar mo mhnaoi lé n-a caoile is a seangacht ach an eilit mhaol úd san amhrán!: gan beanna. Ní raibh agam ach an t-aon mhaol muilleat is gan a dhath ar ceann .i. an cárta is measa sa phaca. Cnoc maol 'n-a mhullach é: gan bheith géar nó seasuightheach: réidh, slinn. Sa gheimhreadh bíonn an talamh maol ó fhéar: lom: gan é bheith árd ná tiugh. Ní fhéadfadh a cheann do bheith níos maoile, níl ruibe air: lom: gan aon rian fáis air. Ná díol bó mhaol, ná ceannuigh bó mhaol is na bí gan bó mhaol: ná díol bó aonair, ná ceannuigh bó gan eolas a tréithe, is ná bí gan bó. Is maol í guala gan dreatháir: lag: an té ná bíonn éinne chun cur leis aige is éigean do bheith ciúin. Is fearr bheith maol ná bheith gan ceann, ach níl ann ach san .i. droichmheas ar cheann gan folt. An speal ró-mhaol, ní ghearrfadh sí faic: an faobhar imthighthe dhi. Áthrach maol ná raibh rud beó ar bórd innte ach cat!: gan crann. Dream róghéar róghlic duit-se iad san atá ró-mhaol chun dul i dtreis leo: neamhdhearbhtha: neamhchlodhchaiseach: neamhcharáisteamhail. Leanbhaidhe maola

iad uile, ní aithneófá iad do bheith istigh nó amuigh. Beidh an tigh fliuch, tá ceann ró-mhaol air: gan é bheith géar nó seasuightheach. Ná bí chómh maol ’n-ár measc is ná go labharfá, an náire atá ort?: cúthail. Bladhgar is buailimsciathacht annso aige ameasc a dhaoine féin ach dá mbeadh an meathtach in áit dheóranta sé bheadh go maol: scáinteach, faiththeach: gan focal as. Leitir ró-mhaol í sin ní tabharfar aon tor uirthe, ná cuirfeá in iúil innte go dtroidfir do cheart: neamh-dhána. Dá luighead a bhí agam tá sé bailighthe uaim, táim maol manntach anois: scriosta. D’imthigh gach éinne agus fágadh an áit bán, maol: gan rud, gan neach ann. An aimsir seo níl ag cómhachtaibh an chogaidh ach troid na mbó maol ’e bhreis air cad beidh aca leis an aimsir: troid gan puinn anama ná speach. Ní deacair dul chun cainnte leis sin is margadh do dhéanamh leis, duine maol seadh é: íseal, neamhthóirtéiseach. Budh mhaoile an ghaoth go mór ’ná an fharraige: gaoth íseal, farraige árd. Tá an baile anois tar éis an chatha chómh maol lém bhais: é leagtha, scriosta. Siopa maol seadh anois é, is fíor-bheagán earraidhe ar na siolpaidhibh ann seachas mar bhí seal ó shoin: lom: gan aon teasbánadh mór.

maol: *f.1. ₇ 2.* luime, neamhfhaobharamhlacht, nochtacht, mullach; ceann gan bairéad; árd-ualach; an bhreis is féidir do chruachadh ar árus os cionn a fhaobhair; ainmhidhe gan adharc, cluas, earóg etc., carraig neamh-ghearbhach, neamhgharbh. Ó dheas ó cheann an oileáin atá an dá mhaoil: carraigeacha cruinne ós a gceann is iad mín. Na maol-cheanna, an maol-cheann beag, an maol-cheann mór. Na carbaid traenach is maol ortha lé málaidhibh plúir: malaidhe cruachta go hárd os cionn faobhair a gcliathán. An calán mine fé mhaol (mhaoil): min cruachta os cionn a bhéil mar bheadh cruiceóg. Budh mhór an fotharaga a leath, d’imthigh sé ’n-a mhaoil ná feadair sé bairéad air nó dhe: gan clúdach cinn. Chuadar ag bruighean ar maol-dóirne: dóirne loma. Stad! ná scaoil a thuilleadh bainne ann, tá sé ag cur thar maoil: ag scéidheachtaint: ag imtheacht de dhruim an fhaobhair: de scéimh. Bhuail sé anuas an tsráid ar mhaoil a bháidhe: go breágh, socair, réidh, neamh-thuiseach, gan a shuim in aon rud fé leith. Gan aon choinne agam leis do bhuail sé me as mhaoil a bháidhe amach: de thapaidhean, gan chúis gan adhbhar. Ní raibh an diabhal riamh orainn, go saoraidh Dia sinn, go dtáinig an t-ainscian so eadrainn agus gan ach cúram mío-áidh cheana curtha againn dínn, dá olcas maol is measa mullach .i. ag dul ón dteas ’on teine dhúinn é. Fuaireas buille i mullach mo mhaoile a dhein císte ar an dtalamh díom: i gcródh an chinn: in a lár anáirde. Is oth liom go bhfuilim púnt maol ar an méid atá ag dul duit uaim: gearra: in easnamh.

maol-: *i gc.fh.bh.* lom, easbaidhtheach. Ar éigean do thuigeann sé faic, tá sé chómh maol-aigeanta san: dúr: deacair. Ní maol-aighneas do gheobhfá uaidh siúd dá mbeadh an t-olc ceart air .i. thómhaisfeadh sé a theanga leat. Ag labhairt do ní misde a rádh ná go raibh sé maol-bhriathrach gidh go raibh cúis a mhalairte aige: ciúin, stuidéardha. Caith dhíot a bhfuil umat nó raghaidh an t-éag ionat, tair as an sileadh mhaol-bháidhte: fliuch go croiceann (id shlipín maol-bháidhte). Maol-bhárc: long gan chrann gan slat. Táir chómh maol-chluasach le cat: beag-chluasach. Maol-chluasach go leór do ag gabháil isteach, geallaim duit ná raibh éirghe anáirde ar bith fé: cúthail, cúlbhánta. B’annamh leat bheith chómh maol-chainnteach ná go mbeadh do ghlór anáirde chómh maith lé duine: ar chainnt chúthail. Bíonn an fireannach beannach is an baineannach maol-cheannach: gan adharc ná beann. Cnoc maol-cheannach: cruinn nó lom as a mhullach. Ní fuláir liom nó tá sé an-bhocht, riamh ní fheaca chómh maol-chosach é: gan clúdach (bróga) maith ceart

ortha. Beag-áis atá sa tuaigh sin anois, tá a béal maol-chaithte go maith .i. an fhadhairt san faobhar imthighthe. Ainmhidhe maol-chnugach seadh an smúdán: ceann beag cruinn air. Is beag é a ghnóth in áit iasachta an duine bocht, maol-dhána: é ró-scáinteach. Is maith an bhail ort gur maol-dhearbhadh do néas ort, dá n-innsinn an t-iomlán na glais do dhán: dearbhadh lag, éadtrom. An maol-éadan atá ar dhuine chómh hóg leis, b'ait leat é: an ghruaig bheith scúighte i bhfad siar de. Carraig mhaol-éadain í sin gur rí-dheacair a briseadh: cruinn, cruinnighthe, ar nós na liathróide. Ainmhidhe beag maol-earbaill an coinín: gearr-earballach. Is í an eascú fharraige ná fuil go maol-fhiaclach, dá bhfaghadh sí an greim ort ghearrfadh is laitfeadh thu: neamh-bhiorach: neamh-ghéar. Oidhche iascamhail, maol-ghaothach, maol-fharraigeamhail: cuibheasach ciúin go maith is neamh-gharbh. Caithfir cur chuige níos fírinne 'ná san, ní bhfaghair faic as do mhaol-iarrachtaidhibh: laga: gan fuinneamh do chur leó. Níl an cunntas róchruinn agam mar ná fuaireas féin air ach maol-innsint: aithris leachta, neamh-iomlán. "Is deacair casóg do chur in oireamhaint ort", ars an táilliúir, "is maol-ghuailneach mar taoi": cruinn, íseal. Capall maol-shlineánach: na slineáin do bheith íseal tuitighthe. Ó bheith ag síor-chainnt síos suas an dúthaigh lé mí tá sé maol-ghlórach a dhóthain: a ghuth laguighthe. Maol-ghlúineach, maol-éadaigh: lom-éadach briste ges na glúinibh. Ó bheith ag dórnáil tá sé maol-chluasach, maol-shrónach .i. barra na srón liocuighthe ó bheith ag gabháil air. Níor mhaith liom cúrsa tábhachtach do chur ar a iontaoibh, níl aige ach maol-thuigsint: gan é do bheith soiléir i dtaobh a ghairme nó a ghnótha. Aon liobar éadaigh ní bhfuaireamair ar feadh dhá bhliadhan go rabhamair maol-tónach go maith: gan puinn den gculaithirt orainn. Ó fhág sé an baile fiche bliadhain ó shoin ní bhfuaireamair air ach maol-thuairisc: cunntas suarach ar a imtheachtaibh. Nách maol-ualaigh ataoi ó tháinighis chughainn i lár na coda eile, níor bh'fhiú dhuit a iomchar agus ualach na druinne ag gach duine eile: gan ach fíor-bheagáinín ort. Ní ghearrfadh an mhaol-scian san ím duit .i. gan béal, gan faobhar.

maolachán: *f.1.* duine nó rud lom, gan stuaic, cruinn cruinnighthe. Má bhír ag imtheacht id mhaolachán mar sin fén sín gheóbhair fuacht: duine gan bairéad. Maolachán coca seadh é go ngeóbhaidh gach braon báistighe anuas tríd: gan ceann cruinn: ceann liocuighthe air. Cad chuige an maolachán hata san? tá sé mar bheadh báirneach ar mhullach do chinn: haitín beag ná hoireann in ao'chor.

maoladh: *f.* (*-lta*) ag dul i luime, ag cailleamhaint faobhair. Is mithid don speil maoladh is iomdha sraith bainte aice: idir fhaobhar is bhéal do chaitheamh innte. Ag maoladh leis a bhíonn an duine leis an aois: an folt ag imtheacht de.

maolaim: *b. n-a.* lomaim, garbhuighim. Is mór mar mhaol do cheann: gur imthigh an ghruaig de. Do mhaol an scian ná gearrfadh faic: d'imthigh an faobhar is an béal di.

maolán: *f.1.* duine nó rud lom, neamh-ghéar, neamh-sheasuightheach; duine saonta; duine a fágtar ar foraoil. A mhaoláin, cuir rud éigin umat a's ná bí ag imtheacht id gheilt: duine ná fuil clúduighthe 'n-a cheart. Maolán bróige: bróg go mbeadh barra leathan uirthe. Cad fhásfadh ar an maolán cnuic sin: cnoc cruinn, scéirdeamhail. Bhailigheadar im thímcheall go bhfaghaidís mo chuid earraidhe ar shlat-mhargadh, dar leó, gur mhaolán me aca: duine saonta: duine soi-mheallta. B'é an t-aon duine den gclainn é a fágadh 'n-a

mhaolán gan pingin den oidhreacht: nár bacadh leis. Sheasaimh sé do n-a raibh láithreach ach dom-sa, d'fháig sé im mhaolán me: ar leithrigh gan aon cheann do thógaint díom. Maolán scine: scian gan faobhar. Maolán uain: uan beag suarach. Maolán cnuic: cnoc go mbeadh a mhullach liocuighthe. Mo mhuinntir féin, is oth liom do rádh, is ní daoine iasachta, gur chaitheas mo chuid ortha d'fháig im mhaolán me: im dhuine bhocht, dhealbh.

maol-árd: *f.* an áit is aoirde. Caith ar maol-árd do ghualann an líontán san: go hárd anáirde uirthe. Níor leaghaidh an sneachtadh ar mhaol-árd Chnuic Bhréanainn fós: ar a fhíor-mhullach: fíor-íodh.

maolas: *f.1.* caithte, gan faobhar. Bíonn meirg nó maolas ar a bhfuil de úirlisidhibh aige ná gearrfaidís is na bainfidís: caithteacht as a mbéal ina meilitidhibh.

maológ: *b.2.* duine mothaolach, saonta. Maológ mhná gur furaiste bob do bhualadh uirthe: gan bheith géarchúiseach. Mara mbeadh í do bheith 'n-a maolóig ní mheallfadh sé a cuid airgid uaithe: bean shoi-mheallta. Maológ bhocht gur furaiste bob do bhualadh air: duine saonta. Maológ ameasc daoine iasachta nár thuig a slighthe ná a mbéasa: saonta, boigéiseach, neamh-urchóideach.

maolughadh: *f.* (*-uighthe*) lomadh, nochtadh, lagughadh, ísliughadh, cromadh, díofhaobharughadh; fuascailt, ciúnughadh, luigheadughadh, faoiseamh. Ní haon mhaolughadh atá ag dul ar an gcogadh ach neartughadh: lagughadh: dul ar gcúl. Mara dtagann aith-iompáil obann air raghaidh sé i bhfeabhas, tá maolughadh mór ar an mbreóidhtigh: faoiseamh: fuascailt. Dheineas mo chroidhe díchill ar é do mhaolughadh ach bhí an oiread san stráin is buile air: é do chiúnughadh. As so amach anois beidh an aimsir ag maolughadh, tá an neart ag teacht sa ghréin: ag dul i bfheabhas: an droichshín ag leaghadh. Is baoghal liom ná féadfadh é d'aithris anois 'n-a cheart duit, tá mo chuimhne ag maolughadh: ag dul i ndúire: nílim i ndán rudaidhe do choimeád go soiléir im inchinn. Díreach lé maolughadh an tráthnóna triallann na héanlaithe mara ar an oileán chun suain i gcómhair na hoidhche: lagughadh: amhdhoircheacht. Deineann báisteach maolughadh mór ar ghaoith: baineann sí dá neart: baineann an ghoimh aiste. Dá mhéid fuadair air chun catha nuair bhlaisfidh sé é tiocfaidh maolughadh air: imtheóchaidh cuid dá mhisneach. Mar a chéile dhuit bheith ag tabhairt chéille dho nó bheith d'iarraidh na gcnoc do mhaolughadh: iad do leagadh chómh híseal leis an dtalamh réidh. Dhein an saoghal is an aimsir maolughadh mór air, ní hé an fear céadna é: lagughadh air: briseadh misnigh: claoidheachtaint.

maoluighim: *b.a.* ₇ *n-a.* nochtaim, lomaim, laguighim, íslighim, staonaim, stríocaim, ciúnuighim, bainim an faobhar de, díthbhrighim, ceannsuighim. Maoluigh an siubhal fén ngluaisteán nó teangbhóchaidh duit: ciorrbhaidh: laguigh. Maolóchair fós nuair bheidh sé ródhéidheannach agat, tá an iomad réime ar fad fút: staonfair: stríocfair: ní bheir chómh dian agus taoi. Maoluigh do cheann sa teampall in onóir dos na mairbh: bain do bhairéad díot. Ní mhaolóchadh cainnt bhog ná grádhmhar é faid is tá an fhearg mhór air: ciúnóchadh. Mhaolóchadh an maoidheamh an cnoc san thall: bhainfeadh formad (bíonn sé chómh híogair sin) an mullach de. Mhaoluigh an capall a chluasa: scúigh sé iad: luigh

sé siar a chluasa lé n-a cheann. Pé cogus a thabharfadh an dochtúir do ní mhaolóchadh sé an pian a bhí air, ach gach aon scread nimhe aige: ní thabharfadh faoiseamh air. Go maoluighidh Dia an saoghal orainn, mar is é atá go dian diachrach orainn: go dtugaidh sé faoiseamh ar ár ndeacracht. Maoluigheann an saoghal 'san aimsir gach aonne dá antréine: baineann siad an teasbhach de. Táir ag lorg an iomad airgid ar an áit, maoluigh: tair anuas ar an luach. Má dheinir taithighe de bheith ag cur na sceana in uisce the maolóchair iad: bainfir an faobhar díobh. Níl aon rud is mó a mhaolóchadh do radharc 'ná bheith ag dearcadh ar sholas láidir, ní fhágfadh sé splinc agat: lagóchadh: bhainfeadh an bhrigh as. Ní fheadar an maolóchadh airgead é?: an mbainfeadh cuid den mbinb de. Maoluigh na ceisteanna, táid ródhian dom: cuir ceisteanna níos fusa. Ó bheith istigh i gcarcar is gan coidreamh ná cómhluadar daoine aige, mhaoluigh a aigne 'sa chuimhne: chuadar chun deiridh: d'imthigh an ghéaraidheacht díobh.

maor: *f.1.* feadhmanach, saoiste, ceann, oifigeach, aodhaire, feighlidhe, riarthóir. "Is é adubhairt an Paorach, a bhí mar mhaor ar an luing etc.": captaen. Cé hé atá 'n-a árd-mhaor ar an mbaile seo?: árd-ghiúistís: árd-fheadhmanach bárdais. Maor cuain: ceann cuain: an té a bhailigheas cáin last long. Maor uisce: feadhmanach a bhíos ag faire abhann chun ná beifí ag bradaidheacht éisc uirthe. Ní rómhaith an maor do dhéanfá dá mbeadh aon teideal cóir agat, is tú nár mhaith liom bheith féd iongain: máighistir. Maor coille: fiadhaire feádha: feadhmanach gur b'é a chúram aire i dtaobh fiadhaigh is uile do thabhairt do choill. Ar an áiteamh trom atá annso againn teastuighir uainn mar mhaol cirt chun ár n-achrann do réidhteach: moltóir: ceann réidhtigh: fear molta do dhéanamh ar nidh in áiteamh.

maoracht: *b.3.* feadhmanacht, coimeádaidheacht. Fén gcaptaen a bhíos maoracht na luinge ar fad, níl aon dul thar a fhocal ná é do bheith freagarthach d'éinne ar bórd. Bhínn clipighthe ó bheith ag argóint leis gur fhágas maoracht chúraim ar fad fé féin: riaradh.

maordha: *a.* mórdha, ríoghamhail; árd-chéimeach, mórdhálach, oirdhearc, lán-aoibhinn. Bean chómh maordha céim agus shiubhal fód na hÉireann riamh: mórtach, uasal. Aimsir mhaordha seadh í a chuirfeadh breághthacht ar chroidhe éinne bheith fúithe: lán-aoibhinn. Oidhche chiúin, mhaordha mar í b'ait leat go mbáidhfí éinne: réimeach, mórtach. Suidhte go maordha ameasc na n-uaisle budh dhóigh leat gur díobh féin é: cuma uasal, stuamdha, ghalánta air. An chuma mhaordha bhíonn ar Chnoc Bhréanainn lé héirghe gréine maidean shamhraidh: mórtach .i. ní féidir gan suim do chur 'n-a fhíoghar, áluinn, maiseach .i. bíonn tógaint croidhe ann. Cailín maordha seadh í: taithneamhach 'n-a slightibh, breágh lé féachaint uirthe. Gach uair atá tagairt déanta do phúirtibh na hÉireann d'fhilleadh ar Shasana do labhair an taoiseach ghá ndiúltadh i mbréithribh maordha: líomhtha, stuamdha, fearamhail, neamheaglach.

maordhacht: *b.3.* mórtacht, stuamdhacht, meanmnacht. Níor fhéadas gan seasamh ag suimiughadh maordhacht an chnuic is na tíre 'n-a thímcheall: taithneamhacht is breághthacht don súil. Thug maordhacht a chuid cainnte lé linn teasaidheachta is áitimh meas ar chualaidh é air: meastamhlacht, stuidéardhacht is uaisle foidhne. Thóg maordhacht na luinge móire ag gluaiseacht fé lántseól mo chroidhe: mórtacht: áilneacht, líomhthacht is iongtas. D'aindeóin a ndubharthas leis ag spochaireacht fé d'iarraidh

feirge do chur air lé maordhacht an duine níor leig sé air go gcualaidh sé focal: stuidéardhacht mheastamhail.

maosánaidhe: *f.4.* duine bog, maol-aigeanta; duine neamh-chríochnamhail, gan scolb. An maosánaidhe bocht bhíodar ag cur ualaigh air mar beifí ar chapall a's samhluigheadh do gur dhiail an rud do é d'iomchar: daoiste neamh-thuigseanach. Maosánaidhe a dhéanfadh aonnidh a cómhairleófí dho dá aiteacht is dá ghreanmhaire, is ná feadar ná gur b'é an rud dob fhearr ar domhan é.

maoth: *a.* bog, úr, deórach, tais, caoin, briosc, leabhair, sóghail. Sin blúire feóla chómh maoth is gheóbhfá sa chathair, leighfeadh sí id bhéal: briosc, sóghail. Budh thaithneamh leat féachaint ar a géagaibh maotha: líomhtha, deaghchrothach, leabhair. Chaith sí súil mhaoth 'n-a threó a inns do go raibh maoithneachas aice leis: ceanamhail, tais. Croidhe maoth aige dos gach éinne go mbeadh iomard air: tais, séimh, truaighmhéileach. Nuair rugadh ar an spiaire ní rabhthas ró-mhaoth leis, cuireadh trí n-a ughamachaibh go maith é i dteannta a bhúrdáil do thabhairt do: lághach: cineálta. A súile maoth ó bheith ag gol: deórach: claon lé deóraibh.

maoth: *b.2.* machtnamh; aigne; inntin. Cad tá ar maoith agat? táir ag cuimhneamh 'sag smaoineamh ar rud éigin: cad tá ar t'aigne?: cad tá ag rith tríd smaointibh. Is fada ar maoth aca dá chéile é; b'fhuraist aithint nách fada réidhteóchaidís: an t-olc istigh aca dá chéile.

maoth-: *i gcfbh.* bog, séimh, tais, caoin. Rug sé ar a maoith-mhéireannaibh agus bhraith sé ar nós an tsíoda iad: bog, leabhair. Beir leat nách ag tabhairt maoth-aighnis duit do bheinn-se, a bharránaigh, ach breith ar cheann is ar chosaibh ort is tu do chaitheamh an doras amach: cainnt shéimh, lághach. Gheóbhair an duine sin maoth-bhriathrach nách gádh dhuit aon dochma do bheith ort dul 'n-a threó: lághach, síthbhialta. An leainbhín 'sa mhaoth-bhasa beaga, nách gleóidhte iad: basa boga ar nós an tsíoda. Tamall is uirthe do bhíodh na maoth-chrobhanna gur ramharuigheadar is gur mhéiscrigheadar lé hobair: boga, leabhaire, sleamhaine. Fágadh maoth-chlaidhe caol idir an coirce is na prátaidhe: stráice beag deighilte gan cur. Nuair labhrann sí nách í bhíonn go maoth-chainnteach - budh dhóigh leat uirthe ná sceinnfeadh drochfhocal uaithe ar a beatha: ciúin, socair, banamhail. Níor deineadh an oiread san go léir leat go mbeifeá chómh maoth-ghlórach, budh dhóigh lé duine ort go raibh dar bhain leat marbh: osnadh is cnead ar barrghal gol. Dá mbeadh cúis aige-sean ort níl sé chomh maoth-chroidheach is budh dhóigh leat, is é do luighfeadh an ionga ort: bog-chroidheach: cineálta. Cad iad na maoth-gháiridhe seo ort-sa? b'annamh leat gnaoi do bheith ort: briseadh geanamhail gáiridhe. Mo ghrádh ghradhain croidhe do ghéaga mhaoth-gheala: géaga córacha ar dhath an tsneachtaidh. Cuireann an biadh mútamhail sin maoth-inntin orm: bog-inntin: casadh im aigne 'n-a choinnibh. Maoth-fheóil nár mhór do mar tá sé maol, manntach, ní fhéadfadh a malairt do chogaint: feóil bhog, bhriosc, shoi-ithte. Duine maoth-lámhach é sin ná beadh aon rud i nganfhios aige uait: bog, fial, flaitheamhail. Ar an gcuma mhaoth-labhartha a chainntigh sí na daoine d'aithneóchadh éinne go raibh tabhairt suas is múineadh uirthe: caoin: cneasta: béasamhail. Ní dhéanfadh an saoghal mór díot ach fear maoth-mheathta is a leigeant d'aon teallaire gearr-aighneas do thabhairt duit: neamh-misneamhail. Nuair

chonnaic sí gur chorruigh a brón me thug sí maoth-shúil orm: d'fhéach orm is deóir 'n-a súil. Nách iad na hubhalla mílse sin an maoth-thoradh go n-éireófá ist oidhche chúcha: so-bhlasta, sóghail. D'fhaireas a maoth-throigh, is b'éascaidh í ar bóthar: cos chórach.

maothachán: *f.1.* fual stáluighthe i gcómhair éadaighe plainínidhe do chur ar bogadh ann. Níor mheasa dhuit streall mhaothacháin d'ól ná an fuighleach leanna duibhe sin. Chómh géar lé maothachán: árd-ghéar. Tá boladh an mhaothacháin uait! (táir): boladh gránda.

maothal: *b.2.* an chéad bhainne thugann an bhó tar éis beartha dhi.

maothán: *f.1.* duine, ainmhidhe, nó rud bog; an chuid bhog d'aonnidh; liopa na cluaise, bun bog an bhuilg; an bhléin (baothán); smúsach. Nár mhór an saothar a bhí ar an gcapall tar éis an ráis go raibh a mhaotháin ag bualadh: an dá lag idir na cosa deiridh is an bolg. Caithfir é do bhaint as do mhaotháin anois chun maireachtana nuair ná fuil éinne agat chun bheith ag brath air: luighe ort féin go maith le hobair. Gnás ag mnáibh tamall ó shoin fáinnidhe do bheith i maothánaibh a gcluas: liopaidhe: na buin bheaga, thanaidhe bhoga. Tá síon an gheimhridh rómhaith don mhaothán san, níl cruaidheacht ná fadhairt ann: duine bog, neamh-fhuilngtheach.

maothas: *f.1.* buige, taisreacht, fliuch-thumadh, séimhe, cradhscal, teanga bhreágh, bhog, mholta; tláith-chainnt; scaothaireacht; bladhgaireacht. Nách breágh is nách iongtach an fear me agat? cad tá uait ar an maothas?: an chainnt bhladardha, mhilis. Ní mór a gheóbhfá uaidh sin ach maothas: plámás chainnte: moladh glic, neamh-dhílis chun duine do shásamh. Ní haon mhaothas a theastuigheann uaim ach an rud atá ghá iarraidh d'fhagháil gan aon leithscéal bacach ghod cháiseamh féin: bheith d'iarraidh é féin do shaoradh lé cáiseamh. Tugtar poll an lín air mar is ann do cuirtí an líon sa tsean-aimsir ar maothas: ar bogadh. Dá mbeadh sé ar maothas san uisce coisreac do b'é an diabhal céadna é: dá mbeadh fágtha tumtha ann ní haon fheabhas do raghadh air. Cad a dhéanfá is ná déanfá ní chuirfeadh do chuid maothais luach bioráin d'fhaitchíos orm-sa: bladhgar.

maothasach: *a.* bóibéiseach, bladhgarach, blomasach, uallach. Chómh maothasach san anois di ó chaith sí seal as baile gur gheairrid do labharfaidh sí lé héinne lé corp tóirtéise: uallach: baoiseach. Ní tugtha do dhuine do bheith maothasach as féin, níl neach ná go bhfaghadh fear a chlóidh: maoidhteach: bladhgarach: go glórach i dtaobh a fheabhasa 'sa thréithe. B'fhearr leis 'ná ór na cruinne ná labharfadh sé chómh maothasach nuair ná raibh cur leis aige nuair cuireadh chuige: bóibéiseach, blomasach dul thar cailc lé maoidheamh a bheart. Scéal maothasach go maith aige gur thug árd-iarracht ar chroiceann na fírinne do chur air, ach nár chreid neach é: taithneamhach dréir a dheallraimh is a aithris ach rud beag éigin do bheith in easnamh air. Cé bhuailfeadh leat is maothasaighe 'ná é, nách bláthmhar a chuireann sé síos a chúrsaidhe .i. is mó ealadha chun muinghine do chur ag duine ann.

maothlach: *f.1.* aon rud bog; duine breágh, réidh, sobal reamhar. Thíos cois na farraige níl aon rith gen uisce is tá an talamh maothlach bheifeá ag dul ar lár ann: bog: fuaiscealach. Fágadh an fheóil rófhada ar an dteine gur dhein maothlach di: gur leaghaidh

sí as a chéile nách mór. An tinneas a bhí im mhaothlach do dhein sé lúbán díom: treasna bhun mo bhuilg. Eagla ná faitchíos níor ghádh dhuit bheith ort aon rud do rádh leis an maothlach san, tá sé ar nós an uain: duine breágh, réidh, deaghnádúrdha. Lé faid an leanna duibhe sa tsoitheach budh gheall lé maothlach é ar a scaoileadh amach do: sobal lé blas.

maothughadh: *f.* (*-uighthe*) bogadh, taisriughadh, maolughadh, táthughadh, séimhiughadh, ciúnughadh, éadtromughadh, taisiughadh. Fágadh amuigh fén mbáistigh an t-adhmad is tá maothughadh air gur deacair é do ghearradh: bogadh ón bhfliuchra. Ag maothughadh an lín: ghá chur ar bogadh. Aon mhaothughadh níl dulta ar an bpian aige, chloisfeá céad slat ó bhaile ag béicigh é: bogadh: lagughadh. An diabhal féin d'fheirg air beidh tamall sara ndéanfaidh sé aon mhaothughadh: maolughadh: ciúnughadh: teacht anuas. Dhearbhuigh sé an dá lá dhéag is faid mhairfeadh sé ná tiocfadh maothughadh croidhe leis na daoinibh a dhein an oiread éagcóra air ach go gcothóchadh olc dóibh: maitheamh dóibh: gan oiread binbe do bheith aige dhóibh. Ní fhéadfainn a rádh go ndéanfaidh sé an rud do dhearbhuigh sé, mar ná fuil aon mhaothughadh inntine tagtha air dréir mar labhrann sé: athrughadh ar mhaitheamhnachas. Leis an aimsir tiocfaidh maothughadh ortha san ná beidh an díomas 'san diabhal istigh aca dá chéile mar tá: bogadh croidhe: lagughadh droichmhianaigh. Mara dtagann aon tsaghas maothuighthe ar an aimsir ní fhásfaidh faic: maolughadh fuachta. Mara raghaidh aon mhaothughadh ar mo chnámhaibh cor ní fhéadfad do chur díom féin, táid chómh stangta le blúire 'e mhaide: bogadh.

maothuighim: *b.a.* 7 *n-a.* bogaim, maoluighim, táthuighim, taisrighim, séimhighim, taisighim, túmaim chun bhogtha. Dhearbhuigh sé go mbeadh a anam aige, is riamh níor mhaothuigh sé: níor thaisigh: níor mhaith 'n-a chroidhe. Dá lasántacht é is dá mhéid feirge is dearbhuighthe aige maothuigheann sé ar nós an leinbh: bogann: maoluigheann sé. Ní fheadar cad mhaothóchadh an pian damanta atá i mbasaibh mo shlineán: a luigheadóchadh é: a bhainfeadh cuid den ngomh as. Maothóchaidh an t-adhmad leis an bhfliuchra, ná déanfaidh teine ar bith: bogfaidh sé leis an uisce. Thug sé airgead dóibh go maothfaidís mar bhíodar go han-dhian 'n-a choinne: go n-imtheóchadh an fhearg mhór díobh. Cuimil an smearadh san go maith ded ghlúin is maothóchaidh sé í: bogfaidh sé na féithleóga.

mapa: *f.4.* úirlis tighis chun úrlár do ghlanadh, go mbíonn deascán garbh-shnátha nó a lithéid ceangailte ar barr coise; léarscáil. Mapa tarraidh .i. ceann aca so chun tarraidh do chur suas. An mapa cinn atá air ní fhoghlumóchadh sé faic choidhche leis: ceann mór, reamhar. Nách mithid an faobhar do thabhairt don mapa, tá gruaig go guailnibh ort: trom-fholt giobalach. B'fhéidir nár bh'fhada an mhoill orm-sa fuil do chur leis an mapa srón san ort: "cupán" srón: srón ceann-reamhar. Ní raibh aon mhapa os mo chómhair is bhíos d'iarraidh a dhéanamh amach as chuimhne mo chinn cad é an áit go raibh Carraig Aonair: léarscáil.

mar: *c.n. do-bh., r-fh.* cosamhail lé, ar nós, de bhrigh, ó, ar an gcuma, san áit etc. Tá sé ag obair mar capall ó rugadh é: ar nós. Tá sé mar chapall aca: in ionad: ag déanamh oibre capaill. Phós sé mar tharna bean cailín beó bocht: i bhfeidhm. Cé bheidh mar chaptaen ar

an mbád so: i bhfeidhm: i leabaidh chaptaen. Léan orm mar fhear is tú an meathtach: ag ionadughadh fir: in áit fir. Thaidhbhsigh an réilthín mar teine dhom .i. i gcosamhlacht teine. Adhmad atá mar theine againn, táimíd gan gual gan móin: an t-adhbhar teine. Bíonn sé ag obair mar bean tighe .i. ag déanamh nidhthe díreach ar a nós. Bíonn sé ag obair mar mhnaoi tighe: ina hionad. Dá mbudh duine mar éinne é, bheadh cion agat air ach ní headh ach ainscian: ar nós. Léan air mar iasc nách é atá deacair teacht suas leis: a lithéid. Éist leis sin mar scéal gan deallramh: i gclódh scéil. Caith uaim é mar fhear, tá sé mar an gcuid eile aca: maidir lé fear de tá sé díreach ar nós na coda eile .i. chómh holc leó. Mar a chéile dhuit dul nó fanacht anois, tá do chaoi caillte agat: an rud céadna sé dhuit é. Ar dhul do rud i gcoinnibh dhuine deirtear "mar a chéile dhá réal 'seadh scilling": níl maith bheith ag cainnt. D'árdófá-sa luach an éadaigh orm-sa mar an gcéadna ná féadfainn-se luach an bhídh d'árdach ort-sa: ar an gcuma gcéadna. Bítear ghá lochtughadh an méid is maith leó, mar an gcéadna is minic do chonnac-sa tástáil air, is budh mhaith an fear é: d'aindeóin sin agus uile. Féach air sin mar obair do a dhéanamh gan ghádh gan riachtanas: a lithéid d'obair. Is é an dá mhar a chéile dhuit do bheith ag tabhairt chéille dho-san nó bheith ag cuimilt do mhéire de chloich: an rud céadna sé tar éis do dhuaidh. Is aoibhinn an aimsir mar earrach í: maidir lé hearrach dho. B'olc an iarracht uait í mar a mhinicighe do thugais fé cheana. Níl a bhac ort do rogha rud ar an dtalamh naomhtha do dhéanamh, tú féin atá mar mháighistir ort féin: 'sa bhfeighil sin. An mbeir mar mhnaoi agam?: id mhnaoi. Tá an áit deich míle nó mar sin as so, ní mór fé ná tharais: tímcheall na heaga san. Mar seo nó mar siúd, airgead agam nó uaim, bead ann: péaca slighe é. "Dhein sé mar sin é", deir duine ag snapadh a mhéar: gan aon duadh: go neamhthuiseach, gan choinne ag neach leis. Mara bhfuil airgead agat lé cur geall éist mar sin: dá bhrigh sin. Ní thiocfair in aonfheacht linn mar sin?: dréir dheallraimh do ráidhte. Duine bocht 'seadh mise, ní mar sin duit-se, fear saidhbhris thu: ní hamhlaidh aiste dhuit. Bhí muinntir ár mbaile-ne ann agus muinntir an bhaile is giorra dho is mar sin dóibh .i. lean a thuilleadh iad. Tamall ag amhrán aige is tamall ag rinnce, is mar sin do go maidean gheal gan aon traochadh: ar an gcuma san do lean sé air siar. Agus is mar sin atá aige, ag dul chun deiridh. Bheadh dlighe na coda eile agam dá me thu, ní bheinn mar éinne amháin: ar leithrigh. Bí mar aon linn, téanam: ar ár gcuma: 'n-ár bhfochair. Deirtí go raibh mórán airgid tirim aige mar aon lé n-a raibh curtha in oibreachaibh aige: i dteannta: seachas. Mar aon lé neart do bheith ann tá lúth ann: seachas: fara. "Dá mbeadh gach éinne marm-sa" ars an fear go raibh meas aige air féin: ar mo nós. Mar aon leis sin de, dá gcuirtí chuige me ní bheadh eagla agam roim aon bheirt aca: fiú amháin leis. Féach mar bhíonn sé choidhche 'n-a dtreó dá mhéid an lochtughadh bhíonn aige ortha: an chuma. Acht mar gur shábhálta dhom mo bhéal d'éisteacht déarfainn rudaidhe ná taithneóchadh lé daoinibh: amháin gur bh'é dob fhearra dhom. Sin mar báthadh é, é do chaitheamh de bhórd: ar an gcuma san. Gach duine mar is áil leis féin .i. deineadh gach neach a thoil féin. Gach dalta mar oiltear: dréir na hoileamhna gheibheann sé. Ó, ní fheadar, b'fhéidir dom do bheith mícheart, níl agam-sa ach mar múineadh dom: ar an slighe sin. Is fada ag dul do an bhúrdáil sin, agus tá sé fachta aige anois mar is cóir: dréir na córach: ní raibh a mhalairt tuillte aige. Mar is maith liom Dia d'fheicsint is í an fhírinne ghlan atá ag teacht as mo bhéal: chómh dearbhtha. Mar is mac dot athair thu ghearánfad thu as do dhroich-ghníomharthaibh: chómh deimhnightheach is gurb eadh. Amach ar an bhfarraige faid mo radhairc do bhí mar bheadh oileáinín: rud éigin i gclódh oileáinín. Labhair sé liom - an garsún beag – mar bheadh fear agat: amhail is dá mbudh fear é. Airgead mar dheadh agus

gan aige ach aon scilling: ag dúmas airgid. Dá mhéid do bhítheas d'iarraidh é do mhaothughadh is mar sin is mó bhí sé ag éirghe chun feirge: 'n-a thaobh san. B'fhearr mar do bhí sé é sínte ar a chliathán, 'ná suidhte aniar: ar an aiste. Ó deineadh baintreabhach de d'fhan sé mar bhí aige .i. gan aon athrughadh do chur ar a bheatha. Ná corruigh dom-sa, fan mar tá agat (ar do chathaoir etc.): ar an gcuma san agus ins an ait sin. Fear láidir groidhe ní raibh aige ionam ach mar bhéarfadh sé ar shop tuighe: ar an slighe gcéadna go dtógfadh sé é. Níl thar mar má tá céad bliadhain ann dréir an áirimh sin: tímcheall: i dtreó. Leis an imshníomh do bhí air d'imthigh sé fé mhar bhuailfeá do dhá bhais ar a chéile .i. an fhaid sin: de thapaidhean: go pras. Connus bheadh na scoláiridhe ach mar tá an scoil – go haindeis: ar an gclódh san. Connus mar bheadh agat dá mbuailtí breóidhte ar maidin thu agus gan pingin id sheilbh?: cad í an aiste do bheadh ort, dar leat?: cad do thárlóchadh duit? Bí amuigh as mo thigh a Sheáin, agus tusa mar aon leis, a Shéamais .i. an déanamh céadna dhuit-se leis. Is díomhaoin an stráille fir é mar aon lé fear go bhfuil cúram aige lé déanamh: maidir lé. Fág mar sin gach nidh anois, ná hoscail do bhéal air: ná bain lé cor do chur d'aon rud. Fág mar tá sé é, agus Tráighlí mar a bhfuil sé: ar an aiste sin: ná cuir aon chor de níos mó 'ná mar chuirfeá do Thráighlí do chur as a ionad. Ní mór do a fheabhas, níl sé ach mar sin: cuibheasach. Tá sé mar tá sé .i. gan mhaitheas: gan súil go raghaidh aon fheabhas air. "Tá sé mar cheap Dia dho bheith": olc: ar díth sláinte etc. Tá sé mar d'fhágais (chonnaicís) go déidheannach é: gan aon athrughadh. Sé an duine céadna go deó deó é, mar tá sé mar bhí sé mar bheidh: gan athrughadh ná gan athrughadh choidhche. Mar tá sé anois (sheasuigheann) ní fiú thar fiú púnt é: gan cor feabhasa ná olcais do chur air. Táir mar bheadh fear 'n-a chodladh: gan anam: gan áird agat ar cad tá ag imtheacht id thímcheall. Féach mar seo: sa treó so. Féach mar seo ar an scéal é: ar an gcuma so. Caitheann sé é mar thuilleann sé: cómh tapaidh agus. Buailfead mar caithfead: de bhrigh go mbeidh orm. Fág uait é mar ná beadh aon rath 'n-a dhiaidh ort: de bhrigh etc. "Bhuailfeá me?" - "mar do dhéanfainn" .i. deimhnightheach. Ná bíodh aon eagla ort mar má buailtear tu déanfad-sa tacaidheacht leat: ar fáth go. Taithnigheann sé leis gach aonne mar d'éirigh leis: an chuma. Rinneas mar d'fhéadas: chómh maith agus bhí ar mo chumas. Mar itheann sé biadh: an tslighe thapaidh: slighe a chuirfeadh iongadh ort. Mar chuirfir seadh bhainfir: dréir. Dréir mar chloisim ní fada is ceann tighe ná áite é: cuireann an méid do chloisim in iúil dom etc. Mar bhiadh fir oibre ní fiú faic é: ar an nidh áirighthe, speisialta san. Mar thuit sé díreach b'fholláin do go rugas air, déanfi mionramh de: ar an nóimint go raibh sé ag tuiteam. Mar bhí sé múinte go maith ní raibh aon duadh aige riochtaint: ó bhí sé etc. Mar go bhfuil aithreachas ort maithfead duit: ós rud é go bhfuil etc. Olc is mar tá an capall so, níl agam ach é: lamháilt dá neambrigh. Beag mar bhí a chabhair do bhí fáilte agam roimpe: gidh nár dhóthanach í. Mar mar atá sé ní leór: gidh go bhfuil sé go maith. Bíonn earball scuabach ar mhórán ainmhidhthe mar an sionnach, an easóg, etc. Mar sholaoid: solaoididhe iad san. Tá deallramh air, mar ná beadh puinn le déanamh aige: cosamhlacht. Bí mar t'fhocal, ná tréig sinn: do chóimhlíonadh geallamhna. Go dona mar mhúinteóir, cídh fear léigheanta: déarfí. Mar do chonnac é seo liom 'n-a dhiaidh go labhrainn leis: chómh luath agus. Mar a mbíonn bó bíonn bean: ins an áit. Tháinig an scéal orm mar buailfí i gclár an éadain me: go hobann is go goilleamhail. Mar a mbír bíonn troid: sa bhall. Ceann Trágha áluinn mar ar mhinic mo thriall: áit, ball etc. Mar a mbeadh glúin tinn níl aon rud is fearr ná suaimhneas: i gcás. An bhfuil a fhios agat mar a dtéighid na héanlaithe chun suain i gcóir na hoidhche?: an ball sosa atá aca. "Raghair abhaile anois

agus teann deabhaidh ort!" – "mar ná raghad": dearbhtha ná fuil a fhonn orm. Mar a leagtar an crann is ann a gheibhtear a shlisneacha: san ionad mar a mbuailtear atá a mharbhadh: san ionad cheart. Mar buailtear é: an chuma go ndeintear é do bhualadh. Dein fé mar deirtear leat is ní bheidh aon mhilleán ort: dréir teagaisc nó órdughadh. Ní rabhais fé mar mheasas: an tslighe áirighthe a bhí im cheann id thaobh. D'imthigh sé mar cuirfí madraidhe an bhaile leis: díreach agus dá mbeidís ar a thóir. Taidhbhsigheann an tigh mar cuirfí smut leis: a chosamhlacht san air. Thug sé déanamh gránda tar éis mar dheineas do: d'aindeóin a fheabhasa do bhíos do. Is macánta an duine thu mar is go mbíonn tú ag foidhneamh leis na teallairidhibh sin: a rádh go mbír etc. Thug sé fé n-a dhéanamh mar is go mbeadh eólas aige air: ar shlighe gur dhóigh lé duine go mbeadh. Aithris dom connus mar .i. connus thárlaidh gach nidh. D'inneósadh súd duit connus mar tógtar tigh: an tsaoirseacht a deintear air. Mar chois is me atá clipighthe agat: 'n-a rud go bhfuilim ag brath air. Tabharfad gluaisteán mar atharrach dhuit: a chómh. Mar bharr ar an gcúrsa ní bheadh sé sásta breis díoghbhála do dhéanamh: chun críochnughadh glan do chur air. Mar bhuannacht ort do bhíonn sé sin ag gleáchas leat ní bheadh lé duine eile: do dhéanamh dána ar dhuine. Mar bhuidheachas air do thugas cead saor mo thighe dho: chun mo bhuidheachais do chur in iúil. Mar olc air ní thabharfainn mar shásamh do go mbeannóchainn do: an módh chun é d'fhoillsiughadh: an méid sin sástachta aigne do bheith agam as. Mar chúiteamh ar a pheacaidhibh rinne sé mórchuid carthanachta: i gcoinnibh na bpeacaidhe.

maraidhe: *f.4.* máirnéalach, fear farraige. Ní maraidhe go fear stiúrach .i. an té nách féidir leis bád nó long do stiúradh ní bhíonn eolas ceart ar loingseóireacht nó bádóireacht aige. Maraidhe maith a dhéanfadh caladhthóireacht in áit chómh dona leis: eolgaisidhe ar fharraige. Seadh, a mharaidhe, cad é do mheas ar an oidhche?: a fhir eólgaiseach ar aimsir.

maraidheacht: *b.3.* máirnéalacht, seóltóireacht, luingseóireacht, breithniughadh. Bíonn Sasanaigh ghá éileamh ná fuil aon dream maraidheachta mar iad féin: is fearr eólais tímcheall na mara. Budh mhaith an mharaidheacht bád fé thuinn do bhreith saor, folláin trí pháirceannaibh pléasclach: ionnramh luinge.

maran: (**muran**) *r.c.dh.* nách. Maran tú an fear agam go mbeifeá ag maoidheamh as do ghaisce is gan faic lé teasbáint agat? Nách tú an fear dar leat, maran olc an aimsir churadóireachta í: nách í atá go holc. Téighir abhaile maran fearr leat fanacht annso: cuir i gcás nách fearr, etc. Maran me an seódh gem chlainn: is fíor gur me. Maran measa leat do mhuinntir féin 'ná éinne eile is ait an duine thu: cuirtear i gcás nách etc.

marbh: *a.* gon bheith beó feasta; gan anam; básuighthe; curtha chun báis, gan teadhal, bodhar; láithreach; gan corruighe, ciúin; gan tathag, bog; neamh-theann; mall; meirbh; caithte, cnaoidhte. Coisidhe mall, marbh: gan tapamhlacht: éascaidheacht. Fágtar marbh anois é, aon mhaith ní dhéanfaidh sé é do mhúscailt airís: gan tagairt do. Tá do dharadha ró-mharbh chun breith ar iasc: neamh-theann: níl sé tairngthe 'n-a fhaid. Brathaim marbh im chnámhaibh indiugh: tá an aimsir meirbh, trom, neamh-éascaidh. Nách marbh an fhuil atá suas 'n-a aghaidh: cuma uirthe ná fuil sí ag rith go nádúrdha. Buillidhe marbha atá agat dhá thabhairt do ní ghoirteóchaidís cuil: gan fuinneamh. Fág do lámh marbh annsan

(cártaidhe): cuir suas í: caith uait iad. Éirigh as anois, tá sé chómh marbh lé marbh: deireadh leis. Ó, Dia linn, tá sé chómh marbh le hart agat: gan aon anam ach oiread lé cloich. Budh dhóigh leat ar muir ná báthfadh sí éinne choidhche tá sí chómh marbh san .i. gan corruighe. Uisce marbh mar bheadh i loch: láithreach. Ní cómhartha maith ar tharbh súil mharbh do bheith aige: gan mire: gan beódhacht. Thuit a ghéaga marbh leis lé scannradh: síos ná féadfadh aon áis do bhaint asta. Ná bíodh an aradhain marbh leis an gcapall nó bainfear barra thuisle as: gan bheith teann: ar sileadh leis. Is mairbhe go mór do chéim anois 'ná ar maidin, an cortha ataoi?: neamhthapamhla: neamh-phrasa. Drochthuar seadh an t-aer do bheith chómh marbh san, oiread is puth anáile níl ann: gan cor gaoithe ann: múchta. Táim marbh ge gáiridhe: iomad déanta agam. Bheifeá marbh bheith ag éisteacht leis: traochta. Maidir lé scéala d'fhagháil uaidh ó fhág sé an dúthaigh ní fheadar éinne marbh nó beó é .i. connus mar tá aige. Ní fheadar ná gur marbh do bhí sé ar mh'anam: aon chunntas ná cuimhneamh ní raibh agam air. Ní dearbhtha dhuit Seán do bheith ort ná go bhfágfaidh t'athair marbh thu i dtaobh do mhí-iomchair: go dtabharfaidh sé búrdáil an anama dhuit. Tá sé cothuighthe, ach sin í an fheóil mharbh: gan brigh nirt. D'fhóbair don nGaedhealaing do bheith marbh mara mbeadh an iarracht do tugadh ar a haithbheódhachtaint: imthighthe as áis. Marbh le té is marbh gan é: an iomad uaireannta, gan faic uaireannta. Cuir a mhairg díot anois, tá sé chómh marbh leis an hochtmhadh Hanraoi!: marbh gan amhras. Corruigh tú féin, ná bí id stalca marbh annsan. Thuitfeá fuar marbh ag gáiridhe fé ag déanamh aithris ar dhaoinibh: do raghfá i bhfreangaidhibh gáiridhe det aindeóin. An saoghal mór ní dhúiseóchadh anois é, tá sé 'n-a chnap mharbh: mar bheadh dlúimh gan anam. Thuit sé ón mbuille 'n-a phleist mharbh i gceann a chos: in aon chlais amháin. Leis na ciantaibh táid in achrann 's in earrad lé chéile nách féidir síothcháin ná réidhteach do dhéanamh eatartha, tá an ghráin mhairbh aca ar a chéile: droch-aigne uathbhásach. Is iomdha breac éisc marbh sa chuan san lém chuimhne féin: beartha air. Nách marbh an glór atá ag an airgead san, ní fheadar an bhfuil sé bréagach: balbh. An fharraige chómh ciúin marbh gur dhóigh leat nár chás duit siubhal uirthe: gan chor ar bith. Breis mhór slighe as so ann ná mar budh dhóigh leat. Talamh an-mharbh seadh é: slinn, íseal, réidh, mealltach. Deirtear go bhfeiceann seisean daoine marbha más fíor: daoine a bhíos tar éis bháis. "Agus d'umhluigh seisean é féin agus adubhairt, "créad é do shearbhfhógantaidhe go bhféachfá-sa ar mo shamhail-se de mhadra mharbh"" (2. Sam. IX. 8): gan díoghrais. "Is an-aoibhinn díbh, a scríobhaidhthe, agus a Phairisíneacha, a lucht an fhuar-chrábhaidh! is cosamhail sibh lé tuamaidhibh geala atá deaghmhaiseach ón dtaobh amuigh agus atá istigh lán de chnámhaibh daoine marbha is de gach uile shalachar" (Matha XXIII. 27): daoine atá tar éis éagtha. Gach duine id thímcheall marbh leis an éad mar gheall ort: ithte aige: an t-éad ag baint chodladh na hoidhche dhíobh. Fuairtheas marbh ar a leabaidh tar éis na hoidhche é: an t-anam scartha lé n-a cholainn. B'ait liom cé bheadh amuigh nuair buaileadh ar an ndoras in am mhí mhairbh na hoidhche: tar éis an mheádhon-oidhche. Ceannach marbh atá ar gach seift indiugh: mall. "Agus thárla dho ameasc bitheamhnach do shlad é agus do loit é agus d'imthigh rómpa ar n-a fhagháil leath-mharbh" (Lúcás X. 30): idir bhás agus bheatha. Cad tá ort? táir marbh orm .i. nílir ag tabhairt aon chabhartha puinn dom. Lámh mharbh riamh ó rugadh me í sin .i. nách féidir liom aon earraidheacht do bhaint aiste. Ar theacht dom air bhí sé marbh scun scan .i. gan aon rian déithe ann. Marbh ag an ól: claoidhte. Marbh lé hobair: traochta. Snáithín marbh atá sa líon san, níl aon mharbhadh éisc ann: gan tathnag: gan cruaidheacht fé bhraithstint. An lá is fearr d'fhear thú 'ná me chidhfear marbh me: bás

fachta agam. Go rabhair marbh is do dhrom le falla (lé seódh). Ní léigheann marbh atá 'n-a cheann san, tá rud dá bharr aige: léigheann gan tairbhe. D'fhág an dúthaigh a fiacha ar Shasana marbh: gan éileamh. Cuideachta neamh-mharbh a bhí aca, ní ciúin ná balbh a bhí éinne aca ach ag gleáchas 'sag péacadh a chéile: anamamhail: sultmhar, seóidh. An baile mór lá den tseachtmhain chómh marbh lé roilig: gan aon chorruighe.

marbh-: *i gcfhbh.* gan beatha, anam, corruighe, lúth, luadar etc. Creid me leis ná féadfainn dul 'n-a ghoire lé boladh lobhtha, táim ró-mharbh-aigeanta: gan misneach láidir. An marbh-aighneas atá aige, an síománaidhe, budh dhóigh leat ná beadh cúram scéil curtha aige dhe go deó: duine mall-aighnis: lag, mall, fada. Níl clódh ná deallramh air, cad tá ann ach marbh-allait: sodamán mór, bog gan fuinneamh, gan lúth. Scannróchadh sé éinne do bheadh ag féachaint air ag itheadh, leis an marbh-ampla: an t-itheadh agus an slogadh uathbhásach. Tá aon agam ach sin é, an marbh-aon (cártaidhe): ná fuil a dhath ar ceann. Seachain tú féin ar an sciain fhaobharamhail sin, marbh-arm seadh í: conntabharthach: ró-dhíoghbhálach. Fuair sé marbh-bhuille i gcródh an chinn, nár éirigh ó shoin uaidh: marbhthach. Sin iad na marbh-bhuillidhe atá aige siúd ná cuirfeadh puinn chun cinn bád: neamh-meara: neamh-acfuinneacha. Tástáil airís, marbh-bhuille dob eadh an ceann úd: buille ná deaghaidh i bhfeidhm. Nuair bhíonn braon thiar aige is é ná bíonn marbh-bhriathrach, chloisfeá go gleódhach, maoidhteach é: balbh as a theangain. Mórán mór uisce do thuiteann lé marbh-bháistigh: báistach gan gaoth. Dréir mar chídhtear dómh-sa caithfead-sa do bheith im mharbh-bhéal sa chúrsa so: gan cead labhartha do bheith agam. Níor thaithneamhach leat bheith 'n-a chuideachtain tá sé ró-mharbh-chroidheach: gan anam, gan meidhir, gan sult. Iomard éigin go dtagann marbh-chodladh air nách féidir do dhúiseacht a's go dtagann chuige uaidh féin: codladh trom. Iontaoibh bheag atá gen ndochtúir as, is marbh-chuisleannach leis é: bualadh mall, lag gen gcuislinn. Ar an marbh-chuisle atá aige is ait liom má bhíonn sé go maith 'n-a shláinte: cuisle ná buaileann chómh tráthamhail agus budh cheart di. Marbh-chiach orm-sa nár luigh air nuair bhí caoi agam air mar is maith do bhí sé tuillte aige: mairg agus léan. Nách ait é an marbh-chroicheann san ar a lámhaibh, d'árdófá anáirde é: neamh-theann: flúirse dhe ann. Lá é ar phúnt, lá eile ar a leath, is lá go neamhthorthamhail, níl air ach marbh-cheannach: gan aon fhonn mór chuige. An mharbh-dhúil in airgead aige, raghadh sé fén roth chun pingne do dhéanamh: dúil shanntach, do-shásta. Ní dócha go dtiocfaidh fáiseanna chúcha féin tar éis na stoirmeach, táid an-mharbh-dhuilleach .i. na duilleoga ar sileadh leó ón dtuargaint. Choidhche ní fhéadfainn foidhneamh leis an mharbh-chat san, ní lugha liom an súgh 'ná é ag déanamh ruda: duine gan smuirt. Marbh-dhóchas atá agam as a mhaireachtaint, tá sé ró-imthighthe is baoghalach: dóchas an-bheag, an-lag. Leathslighe idir dhá thalamh dúinn, an teas go léir, smúit san aer a's gan puth ghaoithe ann do chuirfeadh marbh-dhórd na mara uaigneas agus diamhaireacht ort: glór íseal, siansánach, nádúrdha na mara. Dá mbeadh malairt marbh-éilimh agat ar é d'fhoghluim is fadó riamh do bheadh eólas cruinn agat air: éileamh gan dúthracht. B'fhollus ón marbh-éirghe a dhein sé gur goirtigheadh ó thalamh é ar é do leagadh: neamhphras. Ní go marbh-eiteallach do chuir sé dhe nuair buaileadh lé lasca é: mall-chéimeach .i. go lán-mhear. Seachantar é, ní hiontaoibh ar bith ar an marbh-fhéachaint atá aige: deallramh. Go ndéanfadh marbh-fháisc air! is iomdha buadhairt is bás déanta aige (eascaine): éadach na marbh go raibh air: an bás chuige. Is é an marbh-fhilleadh agat é, mór an obair nár mhoillighis tamall eile: mall, righin, neamhspéiseamhail. "An bhfuil

fonn air dul ann?" – "marbh-fhonn atá": níl sé ró-scleóndarach 'n-a thaobh. Marbh-ghamhain (mara-gh.) ag an mbuin: marbh ag teacht ar an saoghal: marbh-laogh. An oiread marbh-ghluaiseachta fé agus bheadh fé shlimide: mall: gan tapa: righin. Marbh-fhán go raibh air mar mhadra, ní maith istigh nó amuigh é: droichchrích agus bás chuige. Marbh-fhuacht ar gach aon phioc díom pé ciall é: fuacht ceangailte isteach ionam. Soitheach marbh-ghlórach, tá sé lán: glór íseal, balbh aige. Marbh-ghreim a bhí agam ar an maide agus shleamhnuigh sé as mo ghlaic: greim bog: neamhtheann. Chaitheamair lá gus oidhche ag teacht fé sheól, ní raibh ann ach marbh-ghaoth: leoithne éadtrom gan anam. Baineadh mairiach (mairbh-each) as an láir: marbh-shearrach. Mairiach dob eadh an leanbh: tháinig sé marbh ar an saoghal. Bhraitheas ró-mharbh-inntineach tar éis a raibh gabhtha tríd agam cor do chur asam féin chun aonnidh do dhéanamh: mo spirid lag, tréith, tnáchta. Tar éis a gcruadhtain seachtmhaine ar muir ar bheagán bídh agus dighe, fé léith na síne, bhíodar go marbh-lag: traochta, tugtha, cnaoidhte. Níor mhisdide an chneadh an mharbh-fhuil sin do leigeant aiste .i. a bhíos bailighthe 'n-a longa gan rith. Is dearg, lasta liom é chun bheith sláinteamhail, marbh-fhuil atá ann: iomad fola gan í ag gluaiseacht go nádúrdha. Níl aon ádh uirthe, tá sí tréis triúir marbh-leanbh do bheith aice: gan bheith 'n-a mbeathaidh lé linn a saoghalta. Marbh-lámh í sin, sin é fáth go mbíonn sí ar sileadh leis: ná fuil a háis aige. Bhain an ósbairt marbh-laogh as an mbuin: gamhain marbh. Ar thuiteam do do leig sé marbh-liúgh a gheóbhadh siar agus aniar tríd cheann: scréach mar dhéanfadh duine lé linn báis. Leis gach aon bhuille do fuair sé baintí marbh-bhéic as: scread uathbhásach. Ní fuláir ná fuil sé sláinteamhail, tá sé chómh marbh-dhathach d'fhear agus do chonnac riamh: níl lasadh ná néal ann. Bhrisfeadh sé croidhe éinne do bheadh ag obair leis, marbh-mhall ar gach aon rud go dtí maidean ambáireach: righin, agus deacair do chur chun gnímh. Thuit marbh-mheisce air ná féadfadh siubhal ná seasamh: meisce throm. Marbh-nasc ort! marbh-fháisc! .i. go mbeirtear i ngreim nó i dteannta ort, go dtagaidh do bhás as. Níor theastuigh uaim go mbeadh sé ag tarrac marbh-nidhthe chuige, gur bh'fhearr liom gan a gclos: rudaidhe a bhí thart gan tagairt dóibh lé fada. Budh dheacair do na cosa do bhreith leis ar a raibh de mharbh-namhadaibh 'n-a dhiaidh .i. go raibh fonn ceart díoghaltais ortha. Marbh-spéis do chuireann sé ins gach aon nidh, is cuma leis céaca: suim bheag gan dúthracht. Tar éis na caoireach tháinig marbh-shuan nár dhúisigh sé go ceann dhá lae: trom-shuan: codladh. Ní fheicfeá puinn leis an marbh-sholas atá gen lampa san: doiléir. Ní deacair dul suas isteach sa tír ar an gcaol, marbh-shruth atá ann: gluaiseacht an-mhall ar fad. Táir breóidhte, dar liom, táir marbh-shúileach: gan mire id radharc. Tá an diabhal féin, tá san, laistiar den marbh-shúil sin: súil nó rosc mar bheadh ag faire go ciúin. Shaoileas go dtiocfá suas liom mar ná raibh fúm ach marbh-shiubhal: siubhal nó coisidheacht gan deithineas. Cois na teine dho ghá ghoradh féin is a loirgne marbh-shínte uaidh: sínte amach: ar a bhfaid ar fad is gan cor asta ach mar bheadh dhá mhaide. Is leisceamhail an marbh-shliasta fir é: faid-gheágach, faid-chliathánach gan tapa gan phreab. Ina mharbh-phleist dhíomhaoin sínte cois clathach: mar bheadh rud go mbeadh an t-am imthighthe as. Á, mhuise is tú atá aga teacht orm, agus deabhadh agam leat, go marbh-righin: mall, siléigeach, neamhchúramach. Marbh-thalamh go luigheann uisce air, is ní maith é chun curadóireachta: talamh gan árd ná ísleán. Ní deacair é siúd do threabhadh, talamh marbh-réidh: réidh, sleamhain gan chonstaic ar bith. Traochta adéarfainn, tá sé 'n-a mharbh-rith anois .i. sin uile atá de rith ná rás ann. Is iomdha san rud go ndeintear marbh-reacht de lé linn cogaidh dréir mar oireann dos na trodairidhibh: ná tugtar fé ndeara, ná géilltear do thabhairt do. B'fhada,

dar lé héinne, ó dhroch-chor san aimsir sinn ar an marbh-uain a bhí ann ag fágaint dúinn: uain chiúin, shocair. Rug an chaora marbh-uan (mar-uan): uan marbh ag teacht ar an saoghal.

marbh: *f.1.* duine tar éis báis, in éag, corpán; bás. Is oth liom a mharbh, creach mhór é: a bhás. Is mar a chéile liom do mharbh nó do bheó .i. aon mhairg mar seo ná mar siúd ní chuirir orm. É siúd! ná bíodh aon fhaitchíos 'n-a thaobh ort, is mar a chéile leis a mharbh nó a bheó .i. tá sé lán de mhisneach: aon rud ní scannróchadh é. Ní chothuigheann an marbh an beó .i. dá fhaid a téightear caithtear stad de chaoidh agus aghaidh do thabhairt ar obair. Ní réidhtigheann an marbh 'san beó .i. bíonn faitchíos ar an nduine beó roim an duine marbh. Ag bagairt ar dhuine go mbíonn rud déanta as an slighe aige nó ná cóimhlíonann nidh áirighthe deirtear leis, "beidh do mharbh air": díolfair as. Dá mbeadh a mharbh air dhéanfadh sé .i. an oiread dúlach nó fonn air nár bh'fhéidir a chosc. Nuair bítear clipighthe gen saoghal deirtear, "nár bhreágh an rud bheith marbh seachas bheith mar seo": caillte. D'éirigh sé an treas lá ó mharbhaíbh: an dream go léir atá tréis bháis. Tá sé ar shluagh na marbh gur maith an mhaise dho é: ar an méid is mó: ar a bhfuil ar an saoghal eile. "...Créad is ciall do súd aiséirghe ó mharbhaidhibh?" (Marc IX. 10): ó bhás. D'aosuigh an oidhche orainn ar an dteinteán go raibh sé i mí mhairbh sara ndeaghamair a chodladh: siar go léir i lár na hoidhche. Beannacht Dé lé hanamann do mharbh agus innis an scéal úd dúinn: leis na daoinibh d'fhág ón saoghal so thu. Dia mór na n-uile cómhacht go bhféachaidh orainn idir bheódhaibh is mharbhaíbh .i. a bhfuil annso agus ar shlighe na fírinne. Seo is gur b'é mharbhóchaidh thu, ó tá an dúil mhairbh agat ann: dúil uathbhásach. Lá do heitigheadh ar dhigh é tar éis a raibh caithte aige ar ólachán, chuir san an ghráin mhairbh air nár bhlais riamh ó shoin é: mío-thaithneamh gan teóra. Má bhír i láthair mo mhairbh guidh orm: mo bhás. Nuair shroicheas tigh an mhairbh bhí sé díreach dhá thógaint amach: corpán. Pé áit go mbeidh mo marbh tá súil agam gur annso hadhlacfar me: mo bhás. Fuair sé éadach an (duine) mhairbh: an té a bhí caillte. Budh bhreágh an marbh é .i. do bhí deallramh maith air ar an gclár. Tiocfaidh do mharbh de dhroch-úsáid: do bhás. A haon ón mbeó is a dó ón marbh, sin é chuireann saill ar thóin an tsagairt: an t-airgead do ghéibheann as ghuidheachtaint leis an anam. Mara dtugair cao dhom – táir ghom oibriughadh ródhian – beidh mo mharbh agat .i. cuirfir chun báis me. An suain do bheódhaibh is am siubhalta do mharbhaíbh: an-mhall san oidhche. "Ná goilidh-se ar son an mhairbh agus ná caoinidh é acht goilidh go géar ar son an té a imthigheas, óir ní thiocfaidh sé níos mó, ní fheicfidh sé a thír dúthchais" (Jer. XXII. 10): an té atá tréis bháis. Lá na marbh: an lá bítear ag guidheachtaint dos na hanamachaibh. Na mílte marbh fén spéir gan cur: corpáin a marbhuigheadh i gcath. "Slánuighidh na daoine éagcruaidhe, glanaidh na lobhair, dúisighidh na mairbh, teilgidh amach na deamhain, in aisce do fuaireabhair tugaidh uaibh in aisce" (Matha X. 8) .i. iad so atá 'n-a suan síorraidhe. Uaigneas ná eagal ní raibh air roim bheó ná marbh: spirid. Budh bheag ar na mairbh thu as san do dhéanamh: na daoine a tháinig rómhat ná maireann.

marbhacht: (**mairbheacht**) *b.3.* laige, faoine, neamh-anamamhlacht, ciúnas, neamh-chorruightheacht, maothughadh; luigheadughadh. Budh láidir, fiadhain do bhí an mhaidean, is mór an mharbhacht a tháinig: ísliughadh i sín: lagughadh gaoithe 'gus aimsire. Nuair bhíonn athrughadh aimsire air tagann marbhacht orm: meirbheacht: ní fhanann aon éascaidheacht im bhallaibh. A mhic ó, dá leanadh an tinneas a bhí sa tsúil sin

air bhainfeadh sé mo chiall shaoghalta dhíom, toil Dé go ndeaghaidh marbhacht air: maolughadh: faoiseamh. Pian ná tinneas níl air, ach marbhacht, é ag srúmatáil chodlata do shíor is gan aon phreab chun aonnidh ann: bheith gan aon anamamhlacht chun corruighthe. Marbhacht an uisce is bun leis an mblas san do bheith air: gan rith ceart do bheith aige. Ní mór gur bholguigh ár seólta lé marbhacht na gaoithe: laige: neamh-fhuinneamh. Seimtear suas streanncán ceóil, tá an chuideachta ag dul chun mairbheachta: chun ciúnais: gan bheódhacht. Líon ná tachtfadh aon iasc é sin lé n-a mharbhacht .i. gan amhmaoin do bheith sa tsnáthach: lag fén méir. Budh bhreágh leat bheith amuigh lé marbhacht na hoidhche: ciúnas is suaimhneas. Tagann marbhacht air tar éis proinne nách mór ná go dtuiteann a chodladh air: sámhán. Leis an aimsir, bíodh foidhne agat, raghaidh gach aon rud chun mairbheachta is maithfid dá chéile: suaimhneas: imtheóchaidh cuimhne an uilc dá chéile uatha. Aon mharbhacht ní dheaghaidh ar an dtinneas orm lé seachtmhain, táim stracuighthe as a chéile aige: maolughadh. Marbhacht an domhain uile atá air an iasacht do thabhairt dúinn: maille, righine. Trít mharbhacht féin do chaillis do chao ar an áit sin do bheith agat, dá ndeinteá aon mhothalughadh: siléige: neamh-phraitineamhlacht.

marbhadh: *f.* (*-bhtha*) cur chun báis, coscairt, breith ar iasc, búrdáil, clipeadh, bualadh, ár. Sé rud atá ghá mharbhadh riamh an t-éad, is mar a chéile leis nó an scian aon rud do bheith gen gcómharsain: ghá chlipeadh is ghá chrádh. Sé a bhí ghom mharbhadh ar fad, iad súd a bhí in earrad lé chéile faid tá cuimhne agam ag taobhughadh lé chéile ar an thap!: ag gabháil tríom: ag déanamh mearbhaill dom. Tá marbhadh bheith in aon bhóthar leis, ní socair ná cuideachtamhail do bhíonn sé: tuirse is iomard. Dá mbeadh san agat, an t-airgead, ach nuair ná fuil nách é sin (nách annsan atá) an marbhadh: buaidhreamh: constaic. “Tá ár sean-namhaid ag fagháil a dóthana dhe an aimsir seo” – “mo mharbhadh é!” .i. is mór agam: aon chrádh croidhe. Ní dún-mharbhadh duine do mharbhadh gan aon leigheas agat air: marbhadh lé toil mheanmnaigh. Aon ghal tobac ní raibh lé seachtmhain aige, tá marbhadh na gcéadta air: dhá cheal .i. mar bheadh duine glan as a mheabhair: ní ceart aon ghruaim do chur air mar is rófhuraiste é do thógaint. Sin áit go bhfuil marbhadh na gcéadta air: droch-áit chonntabharthach. Sin cárta maith, cuirfead geall ná fuil a mharbhadh agat .i. ceann a bhuaidhfeadh air. Ar na gothaidhibh atá air budh dhóigh leat gur b’é fear mharbhtha céad d’aon bhuille é: gaiscidheach mór. Ná feicir go bhfuilir ag marbhadh an chapaill lé trom-ualaighibh: ghá chur thar n-a riocht: ag cur an iomarca strusa air. Tú féin atá ghod mharbhadh féin, dá mb’áil leat gan leath-oiread cainnte do bheith agat ní beifí leath chómh dian ort: ghod mhilleadh féin: ag déanamh do dhíoghbhála féin. Bheadh truagh Mhuire agat don íde a bhí tugtha aca air, thugadar marbhadh an daimh do: bualadh is tuargaint uathbhásach, neamhthrócaireach. Is mór go léir an marbhadh ar an dtinneas an cheiridhe sin do chur orm: maolughadh: breis den íogaireacht do bhaint as. Is mór an marbhadh imeartha do thugadar dúinn – chuireadar trí bháire breis orainn: bualadh. Droich-mhianach ceart é sin, tá marbhadh duine air gach aon lá sa mbliadhain: d’ionnsóchadh sé duine gan aon adhbhar puinn. “Ag marbhadh ghabhar ar pholl gan deallramh” .i. ag dul ag iascach lé droichfhearas in áit neamh-dhóigheamhail. Ná déin marbhadh, goid ná drúis ná fiadhnaise bréige in aghaidh aon chúis .i. trí cortha áidhbhéile. Biadhaiste an-mhall seadh í, níl puinn éisc dhá mharbhadh: níltear ag breith ar phuinn de. Marbhadh áidhbhéil in aer-ionsaighe míle duine: ár. Is minic do bhíonn marbhadh duine idir dhá fhocal: tagann bás obann de dhruim imreas

cainnte. Marbhadh an Dúna ort ná fanfadh socair (eascaine): marbhadh iomlán. Marbhadh Dhún an Fhirtéaraigh - "ní hé marbhadh an Dúna a bhris ná a bhrúigh mo mhuineál riamh/ ná (a) ndearnadh liúm i gciumhais an Oileáin Thiar/ ach ógbhruinneall mhúinte na gcocán ciar/ ná deaghas dá fiosrughadh ar dtúis ná im sheanóir liath". "Táim marbh agat" – "marbhadh an dúna ort!": marbhadh salach: marbhadh atá tuillte agat. Éireóchad asat, ní bheadh ghom mharbhadh féin leat, ní maith ar bith bheith ag tabhairt céille dhuit: ghom thraochadh féin: ag fagháil an iomad ded dhuadh. I gcródh an chinn atá marbhadh an róin: an áit gur fusa a chur chun báis. An bhfuil a fhios agat ná go bhfuil marbhadh ar iasc?: slighe áirighthe chun beartha air níos fearr 'ná a chéile. Ceal ionbhaidh atá air dar ndóigh, níl aon mharbhadh cóir air (iasc): níl sé ag breith go mear ná go tiugh. "Uime sin is ar na Léibhítibh do bhí cúram marbhtha na Cásca ar son gach aon ná raibh glan, dá naomhadh don Tighearna" (2. Croinic. XXX. 17): uan na híodhbairt do chur chun báis. Aon rud go leanann duadh is clampar é, deirtear leis "tá marbhadh ann". "Brisid amach lé mionnaibh, lé bréagaibh, lé marbhadh, lé goid, lé déanamh adhaltranais agus baineann fuil lé fuil" (Hóisea IV. 2). Dá mbeadh sé déis do mharbhtha thabharfadh sé fuil a chroidhe dhuit .i. tá croidhe mór, fial, flaitheamhail aige. Thug an máighistir marbhadh an anama dhom go minic: bualadh dian. Tá marbhadh déanta agat: seilg mhór éisc nó éanlaithe. Marbhadh mór ar olcas na hoidhche an ghealach do bheith ag taithneamh: maolughadh. Is amhlaidh atáimíd féin ag marbhadh a chéile, níl slighe ag beirt againn, is fearr duine sa turus: ag teacht treasna ar a chéile. Marbhadh ar an dté, é d'fhágaint rófhada ag tarrac: lagughadh is cur-siar ar a neart.

marbhaim: (**marbhuighim**) *b.a.* básuighim, cuirim chun báis; cuirim clampar ar, goirtighim; bainim an gomh nó an t-anam as; maoluighim; cuirim de threóir; beirim ar iasc. Cad do mhairbh ar fad me tar éis an mhaoidhimh ar fad aige ná raibh cion garsúna déanta aige: a mhill me: a chuir aiteas ar mo chroidhe. Nuair chídhfid a bhfuil agat is gan faic aca féin marbhóchaidh san ar fad iad: crádhfaidh san an croidhe aca. Mharbhóchaidís a chéile ar fighe fíodha: raghaidís i gcoinnibh a chéile go dtín t-urchar déidheannach ar neamh-nidh: tá olc an domhain aca dá chéile. "Marbhóchthar me", deir duine a bhraitheann go mbíonn cúis air: beifear an-mhío-bhuidheach díom: gheóbhad an béal. Sin é an cárta a mhairbh me: a bhuaidh orm: a chuir cosc ar mo réim. Mhairbh obair riamh é: dhein sé an iomad di. Dá n-óltá an deoch láidir sin mharbhóchadh sí thu: dhéanfadh díoghbháil mhór duit. Airgead a mhairbh riamh thu - cad tá dá bharr agat, ach do shláinte caillte agat leis? .i. sainnt chun a dhéanta. Ní mór an t-iasc a mharbhuighis riamh ná tú ábalta air: go rugais air. Ní mharbhochainn me féin leat, mar a chéile dhom cómhairle do thabhairt duit nó mo mhéar do chuimilt de chloich: ní bhfaghainn a thuilleadh ded dhuadh. "Ó! a Iorusailim, a Iorusailim, noch mharbhas na fáidhe agus a ghabhas de chlochaibh ar na daoinibh a cuirtear chughat etc." (Lúcás, XIII. 34): a chuireas chun báis iad. Níor marbhuigheadh an téad so sar ar cuireadh in uisce í, tá sí lán de ruaircínidhibh: níor síneadh is tairngeadh 'n-a ceart í. Ní mharbhóchaidh aon rud an tinneas so ach an bás: ní mhaolóchaidh .i. tinneas uathbhásach é. Go marbhuighidh an bás thu! ná héisteóchadh maran agat atá an gleódh: go gciúnuighidh! Ó, go marbhuighidh an bás me má tá aon fhocal bréige agam .i. go fírinneach duit. Mharbhóchadh an obair seo stail chapaill .i. obair róthrom.

marbhán: *f.1.* corpán, duine marbh; brothallacht; duine neamhphraitineamhail. Bead-sa im mharbhán churtha sara ngéillead aon órdlach duit: im chorpán sa chré. Tagann marbhán chómh throm san ann amanna den mbliadhain go gcaithfeá síneadh siar leis an dteas: brothall is mairbheacht aimsire. Marbhán ar gach gnóth go dtí ambáireach seadh é, thógfadh sé bliadhain uaidh rud do dhéanfadh duine eile in aon lá amháin: mall: míothapaidh. Marbhán coisidhe (rámhaidhe) .i. gan fuinneamh, gan tapa. Dá n-ithinn an iomad dhéanfadh sé marbhán díom .i. bheinn gan aon lúth im bhallaibh .i. ag tuiteam as a chéile lé neamh-anamamhlacht. Ar mo chineadh-se, a bhuachaill, ní fhéadfá oiread agus aon mharbhán amháin d'ainmniughadh .i. fir lútha, láidre b'eadh iad uile.

marbhánta: *a. n-dh.* neamh-anamamhail, mío-thapaidh, mall, righin, spadánta, dúr. Is marbhánta liom mar táir ag cur chun gnótha, ní bheidh faic déanta indiugh agat: mall, righin, neamh-anamamhail. Aimsir mharbhánta seadh í, ní fhágfadh sí brigh ionat chun faic do dhéanamh: dúr, spaideamhail, meirbh. Baile chómh marbhánta is go ndeaghas isteach riamh ann, gan neach 'n-a shuidhe roim eadarshuth: mall: leasc. Nuair bheir-se chómh haosta liom-sa beidh do sheanchnámha chómh marbhánta lém chnámhaibh-se .i. beid leasc, dúr, neamhéascaidh. Ar an ngluaiseacht mharbhánta a bhí fúinn shaoileas ná sroichfimís caladh choidhche, ní mór go mothófá ag corruighe ár mbád: gan fuadar, gan fuinneamh. Labhrann sé go bog, marbhánta, geallaim duit nách aon deabhadh bhíonn air: mall, righin, sámh. Ní fuláir duit gan bheith marbhánta sa chuideachtain úd, cuir in iúil tú do bheith ann: balbh, ciúin. Mo méireannta marbhánta ó bheith ag cómhaireamh éisc leó, nách mór go bhfuil aon teadhal ionta: gan braithstint.

marbhántacht: *b.3.* neamh-anamamhlacht; neamh-bheódhacht; neamh-éascaidheacht, sáimhe. Ar mh'anam nách mór go bhfuil ionam corruighe lé marbhántacht im chnámhaibh: neamh-lúthmhaireacht: neamh-éascaidheacht. Ní fheadar an é marbhántacht an lae atá ag teacht liom, ach brathaim gan aon anam ar shlighe éigin: doiléir, trom. Chuireas cúram an chapaill díom lé n-a mharbhántacht, obair ná gnóth ní fhéadfainn do bhaint as: dúire: deacracht.

marbhna: *b.4.* (**mairne**) caoineadh, tuireadh; machtnamh. Deineadh marbhna dho: cumadh duan caointe. Ag siubhal an bhóthair, ag déanamh mo mharbhna: ag machtnamh go doimhin ar chúrsaidhibh an tsaoghail. Ná cuir isteach anois orm, táim ar mo mharbhna, tá rud éigin tábhachtach ar maoith agam: ag cuimhneamh go géar.

marbhtha: *a.r.* curtha chun báis; in éag; áidhbhéil, uathbhásach. Ní hiasc marbhtha é go mbíonn sé ar port: gabhtha. Bheadh na mílte marbhtha daoine ann mara mbeadh olcas an lae: na sluaighte. In am mharbhtha na hoidhche chuirfeadh sé diamhaireacht ort bheith it aonar lasmuigh: siar go léir san oidhche. Bheadh dúil mharbhtha i mbreac éisc úir agam nuair bheinn tamall dá cheal: dúil uathbhásach.

marbhthach: *a.* tubaisteach, básmhar, ródhian, clamparach, duaibhseamhail. Peaca marbhthach seadh duine do mharbhadh go toilteanach: peaca damanta an anama, muna ndéintear aithrighe ann nó cúiteamh. Corp an duine so-mharbhthach ach a anam do-mharbhthach: gheibheann an corp bás ach ní fhaghann an t-anam. Is marbhthach an t-arm an scian san i láimh éinne ná tabharfadh aire dhi: conntabharthach. Baineadh leagadh

marbhthach as nár éirigh sé ó shoin: a thug an bás do. Inneósaidh éinne dhuit go rug a strus riamh air gur marbhthach an obair rámhaidheacht: clamparach, duaibhseamhail. Fuair sé nimh mharbhthach nár mhair ach leath lae léi: básuightheach. Riamh é sin aige, dúil mharbhthach in airgead: fonn fíochmhar chun a ghnóthuighthe ar aon tslighe. Is marbhthach na bróga iad san ort in áit shleamhain gan tairnge, gan greim: róchonntabharthach. Is marbhthach leis sin scaob thalmhan do chur do féin, tá sé chómh marbhánta san: duaibhseamhail: an iomad cruadhtain do ann. Budh mharbhthaighe orm é do thógaint 'ná an chuid eile dem chlainn go léir: budh mhó dá dhuadh do fuaireas. Is marbhthach an rud don ndúthaigh seo an galar crúb is béil: tubaisteach: dochraideach. Tá an t-ualach ró-mharbhthach ort féin, socruigh é i gceart ort: ró-mhío-chothromamhail: gan é san gcuma ná san ionad dob fhusa é d'iomchar. Ná bí chómh marbhthach orm, scaoil cúig éigin liom (cártaidhe): buailteach. Má tá bagarthach níl sé marbhthach: pé díoghbháil nó dochar d'fhógróchadh sé níl cur leis aige. Bí aireach, mar is iomdha namhaid mharbhthach agat: doi-cheannsuighthe: fíochmhar. Rinneadar troid mharbhthach lé chéile, níor fhágadar súil ná béal 'n-a chéile: troid nimhneach: neamh-thrócaireach.

marbhthóir: *f.3.* duine, ainmhidhe nó rud a mharbhuigheas, a chuireas chun báis, a mhaoluigheas tinneas, etc. Marbhthóir maith an dubhán san, sé déanamh atá air é .i. go maith chun dulta greamuighthe in iasc. Inneall, an marbhthóir franncach atá agam: an gléas coscartha. Níl aon mharbhthóir mar an bás .i. coscrann sé an uile dhuine. Marbhthóir maith an líon san, tá an mogall ceart ann agus é láidir: gléas beartha air. Éinne a thabharfadh nimh dá mhnaoi chun a cúraim do chur de dún-mharbhthóir 'n-a chroidhe seadh é: duine a bhíos i ndáiríribh bás do thabhairt lé droch-aigne. Marbhthóiridhe maithe éisc: iascairidhe maithe. Sin é an droch-mharbhthóir an gunna san, tá sé lán de mheirg: ná fuil ar fheabhas chun seilge leis.

marc: *f.1.* cómhartha, teóra, "an chailc", rian (aiteantais); méiscre i ndiaidh gona, sprioc, sprioc-lá, gág, locht, fiar; leabhar fiach urradh, duine iontaobha, urradhas, banna. Níl aon mharc leis an ngeall ach an spéir!: aon sprioc: teóra: cosc. Ná bac éinne ná cuireann marc leis féin is gan leigeant lé n-a shriain ar fad: ná beadh cuimse leis: réasún. Trí púint feóla sa turus an marc aige, nách é an sutha é .i. is féidir leis an méid sin d'itheadh. Táim dóthanach anois, tá an marc sroichte agam: an teóra: an méid go rabhas lé dul. An lochta lán de phacaidhibh plúir, iad caithte de dhruim mhairc a chéile: i ngabhal a chéile go hiomadamhail: cruachta ar a chéile. Dubhairt sé liom ceannach as ceann, níor chuir sé aon mharc liom: d'fhág sé fúm féin an oiread budh mhaith liom do cheannach. Cad é an marc atá agat lé tú do dhíol, dar ndóigh níl pingin ruadh gen bhfear san ná maoin aige chun teacht air: urradh nó urradhas. Bead-sa mar mharc leis má éirigheann aon rud do: íocfad an dochar: cúiteóchad é. Cé tá 'n-a mharc leis an dtalamh san?: cé hé atá 'n-a bhun. Éist-se, ní marc d'éinne tusa .i. ní duine thu gur fiú iontaoibh thu. Ní marc d'éinne bheith 'n-a theannta .i. tá sé conntabharthach go dteipfeadh sé nuair budh chruaidhe an cás. Seasaimh gen marc is ná druid a thuilleadh amach (léim, caitheamh ualaigh etc.): ag an gcómhartha atá curtha ar an dtalamh. Barra na cluaise clé agus scoilt sa chluais dheis an marc a bhí ar mo chaora: an cómhartha aitheantais. Fan go dtabharfad marc éigin duit chun an airgid d'fhagháil sa bhannc dom: scríobhnóireacht nó cómhartha dílis nó dearbhtha. An bhfuil aon mharc agat ar an dtalamh istigh chun an bhainnc éisc

d'fhagháil?: áit áirighthe chun tú do stiúradh. Marcanna éigin ón seanracht ar an ngalán ná féadann éinne do thuigsint: stríocaidheacha. Fágfaidh an t-ólachán marc ort mara dtréigfir é: rian: díoghbháil. Fuair sé marcanna iomlán ar an dteangain: céim fiúghantais i scrúdughadh. Cuir síos marc do má thug sé faic uaidh in aisce, is é an chéad uair riamh é: cómhartha lé hiongadh. Seadh, tá marc lé n-a shaoghal anois ar an aindeiseóir go bhfuil a bhean caillte air is lán tighe de chlainn aige: iomard: leath-trom. Dá mhéid atá díolta agam tá fiche éigin púnt sa mhairc fós orm: mar ualach. Leigidh do féinig tamall éigin is ná bídh go léir sa mhairc air .i. anuas i mullach an chinn air: ag gabháil de ródhian. Cad chuir an maircín ar do shróin?: riainín: an croiceann do bheith briste. An marc scine é sin ar do righe?: rian tar éis gearrtha scine: riasta: méiscre.

marc: *f.1.* capall. Caitheadh síos i bpoll mór talmhan iad ar mhuin mhairc a chéile: tóin thar cheann: i ngabhal a chéile: gan aon riar.

marcach: *f.1.* fear capaill, duine ar mhuin capaill nó ainmhidhe eile; duine dhá iomchar ar aon rud. Is maith an marcach fear ar an dtalamh: dar leis féin go ndéanfadh miorbhailtidhe dá mbeadh ar muin an ainmhidhe. Coirce go bhfuil marcaigh air, ní maith chun síl é: gráinidheacha beaga mar bheadh faithinidhe ag fás air. "Agus d'fhreagair Míriam iad, canaidh don Tighearna, óir rug sé buaidh go glórmhar; an t-each agus an marcach do theilg sé sa bhfarraige" (Ecs. XV. 21): an té a bhí ar mhuin an eich. Treascaradh iad idir each is mharcach, ag léimeadh na díge. Congaibh do ghreim, a mharcaigh: ná leagtar thú as an ionad neamh-dhearbhtha atá agat.

marcaidhe: *f.4.* marcach. Marcaidhe oidhche .i. taidhbhse ar phúca capaill.

marcaidheacht: *b.3.* gluaiseacht ar muin ainmhidhe ceathair-chosach; éirim; síob; iomchar. "Is mór an nidh anródh na marcaidheachta" .i. suathadh subháilceach na marcaidheachta seachas bheith ag siubhal. "An té ná téigheann ag marcaidheacht ach go hannamh bíonn a chuid spur ar iarraidh": na húirlisidhe ná bíonn i síor-earraidheacht, is dóichighde, iad do bheith ar fán nuair bítear ar lorg. Ag marcaidheacht síos a's ag feadghail aníos .i. ar ár dtoil féin nuair bhímíd ghár n-aoibhneas féin, go mbíonn deireadh caithte againn, annsan bímíd ag feadghail nuair ná bíonn faic againn. Is fearr marcaidheacht ar ghabhar ná coisidheacht dá fheabhas: dá olcas chun bóthair is dá neamhsheascaire an t-ainmhidhe a bheadh fút is fearr é 'ná bheith ag tabhairt na gcos do. Is dóigh liom go bhfuil do cheart agat asam-sa cheana féin, gan bheith ag lorg a thuilleadh orm, maran ag marcaidheacht ar fad orm budh mhaith leat do bheith: ag déanamh pé nidh is maith leat liom. Is minic ag marcaidheacht ar an scadán an fear céadna, an iomdha uair dulta is tagtha ó Mhearaice é: dul treasna na bóchna. Thug sé marcaidheacht 'n-a ghluaisteán dom: síob: iomchar. "Agus annsan do chuir sí diallaid ar an asal agus dubhairt ré n-a hóglach, tairng, agus gluais rómham, ná failligh do mharcaidheacht ar mo shon-sa muna n-abraidh me leat é" (2. Ríogh IV. 24): do ghluaisteacht ar an asal. "...agus iad uile 'n-a n-ógánachaibh toileamhla 'n-a marcshluagh ag marcaidheacht ar eachaibh" (Eseicil XXIII. 6): ag gluaiseacht. Ag triall chun catha bhíodar ag marcaidheacht ar nós na gaoithe ar mhuin capaill go lán-mhear. Ní dhéanfadh sé marcaidheacht ar chat a rádh go rithfeadh sé i rás .i. droichfhear mar mharcach é. Is

fada an mharcaidheacht i dtraen í dhá lá is dhá oidhche: an síob: an t-iomchar. Tabharfam marcaidheacht 'on roilig duit go sásta: iomcharócham do chorp.

marcáil: *b.3.* do chur marca ar; (do) chómharthughadh; (do) rianadh; (do) leagadh amach; (do) ghortughadh. Ag marcáil na slinne lé cailc: ag cur rian na cailce uirthe. Tháinig an géisire ag marcáil a choda féin den dtalamh do gach tríontaidhe ar an mbaile: ag cómharthughadh. B'fhearr de dhórnálaidhe é 'ná me agus bhí sé ghom mharcáil lé gach buille: ag cur rian orm: ag briseadh nó ag dubhachtaint mo chroicinn nó ag tarrac mo chuid fola. Ag marcáil a chuid caorach chun ná raghaidís amugha air: ag cur cómhartha fé leith aitheantais ortha. Ní fiú biorán agus a bhfuil de mharcáil air agus an tuiteam árd do fuair sé: cómhartha goirtighthe. Tá marcáil mhaith ar a aghaidh: rian gearrtha, dubh, croicinn briste. Táim ag marcáil na dighe seo ort (id choinnibh): ghá cur sa chúnntas ort. Ní gleóidhte bheith ag marcáil t'ainme ar fallaidhibh ná i gcéad áit i leabhar: ghá scríobh. Marcáil éigin ar an ngalán so ná féadfainn léigheamh air: stríocaidhe gearrtha isteach ann. B'éigean na páipéir scrúdacháin do mharcáil an tarna huair, bhí an chéad cheann bun os cionn: an méid marc nó céim fiúghantais do bheadh ag dul as fhreagairt ceisteann do chómharthughadh nó do chur síos i dtuairisc. Cródh na himeartha do mharcáil: an teóra do tharrac amach.

marcálaim: *b.a.* cómharthuighim, teimhealuighim, leagaim amach, goirtighim. Marcáladh go maith sa tsróin é, baineadh an barra dhi: cuireadh rian air: goirtigheadh é. Níor mharcáil sé pioc é dá mhéid buille do thug sé do: níor fhág sé cómhartha ná rian air. Marcáil an raic: cuir cómhartha áirighthe air gur leis an riaghaltas é. Marcáil an imirt d'fhonn is ná beidh aon áiteamh mar gheall uirthe: cuir síos scór gach imearthóra. Marcálfar an talamh: cuirfear cómhartha ar a chuid féin dos gach éinne. Pé duine a mharcáil na páipéir seo bhí sé ródhian: a thug marcanna nó cómhartha as a luaidheacht freagartha. Seachain thu féin, do mharcálfadh an suiséal géar san thu faid bheifeá ag féachaint thart: ghoirteóchadh: ghearrfadh. Cé mharcáil an leabhar so, is thug an íde ghránda air?: a thairng stríocaidheacha gan deallramh air. Sé slighe do marcáladh an uaigh dhá chloich do chur 'n-a seasamh ge n-a ceannaibh: a theasbáineadh cá raibh sí. Marcáil síos na fiacha san orm: scrígh i gcunntas im choinnibh iad.

marcálta: *a.r.* cómharthuighthe, rianta, sínte amach, goirtighthe; lorg nó rian fágtha. Tá do choinncín marcálta go maith tar éis na bruighne, an croiceann ar fad imthighthe dhi. Ar a fhaobharaibh atá an ogham chraobh marcálta ar an ngalán: gearrtha isteach sa chloich. An uaigh marcálta lé rainn: fód na talmhan – faid is leithead na huagha – gearrtha. Caora ná raibh marcálta níor aithnigh éinne cé leis í .i. ná raibh aon chómhartha so-fheicseanach uirthe a chabharfadh chun a haithneamhna. Ní deacair duit éadtromáin na canáile d'aithneamhaint, táid marcálta dearg: san mar chómhartha ortha. An bhfuil an chúig sin marcálta agat dom?: curtha síos im chunntas. Is mó atá marcálta sa leabhar ort 'ná mar is dóigh leat: breacuighthe i bhfiachaibh ort. Níl san in ao'chor id choinnibh, tá sé marcálta amach ort: cómhartha ghá fhoillsiughadh go bhfuil sé scriosta amach: curtha ar neamh-nidh. Caora marcálta le tarradh ar an slineán deas: cómhartha tarraidh curtha uirthe. Beir marcálta lé fuil aca mara bhfanair uatha: beidh sí 'n-a rian ar do chneas.

mar dheadh: Ag obair mar dheadh: ag dúmas oibre. Bímís ag siubhal mar dheadh is ag faire ar ár gcaoi éaluighthe .i. ag leigeant orainn ná fuil faic eile ar maoith againn. Captaen mar dheadh dob eadh é: b'eadh mhuis, 'sa dheallramh air!: d'iarraidh bheith mar captaen. Mar dheadh go dtabharfadh sé an tigh breágh san ar malairt?: díreach agus dá mb'fhíor .i. níl aon deallramh go dtabharfadh. Tigh mar dheadh .i. níl ann ach ainmiúchas tighe: leath-scéal tighe. Mar dheadh go raghfá ann .i. ní hamhlaidh i ndáiríribh go raghfá? Cuireann sé hata air féin mar dheadh go mbeadh cuma an fhir air: i leith agus go mbeadh. Mar dheadh ná fuil sé ach dathad bliadhain, tá agus an chuid eile, mhuis .i. an amhail gur dóigh san? Mar dheadh ná tógfadh sé é dá bhfaghadh sé é .i. thógfadh go pras. "An dóigh leat go bhfuil airgead aige?" – "mar dheadh ná fuil" .i. cad chuirfeadh uaidh é? Mar dheadh gur b'í seo an chulaith is fearr atá aige? .i. ní hamhlaidh gur mar sin atá?: ní hamhlaidh go dtuigtear gur dhóigh lé duine gurb í. A chos goirtighthe mar dheadh: sé mar bheadh: ag leigeant air go bhfuil. Gur fearr d'fhear é 'ná tusa mar dheadh: go bhfuil amhras ag éinne gurb eadh. Mar dheadh gur tú atá ann?: ní hamhlaidh gur tu etc. Ag dul isteach 'on bhannc é mar dheadh go raibh airgead aige ann: mar duine go mbeadh. Ag maoidheamh as a ngaisce mar dheadh go raibh an cath buaidhte aca: lé n-a gcuid cainnte d'iarraidh san do chur 'n-a luighe ar dhaoinibh. Capall mar dheadh is fearr sean-asal 'ná é!: ag tabhairt capaill air nó ag moladh ruda nách fiú é.

margadh: *f.1.* cruinniughadh puiblidhe daoine chun díol is ceannach (go mórmhór ainmhidhthe is earraidhe lóin); an log nó an áit go dtagtar chun díol is ceannach; éileamh, glaodhach, cao ar dhíol is ar cheannach; aon rud fachta ar luach bheag go mórmhór fé bhun an méid is fiú é; socrughadh, teacht lé chéile nó réidhteach maidir lé gnóth tráchtála, díol is ceannach nó luach ruda áirighthe; aon aontadh réidhtigh; coingheallacha cluiche etc. "Ná fág fuighleach an lae indiugh fé mhargadh an lae ambáirigh" .i. an rud is féidir leat do dhéanamh indiugh ná fág thar oidhche é. Fuaireas na bróga ath-chaithte sin ar mhargadh an tsean-chorcáin: saor in aisce nách mór. Fuairis margadh an lá fuairis an láthair tighe sin ar chúig phúint: tarrac tríd an-shaor. Ar an ndeallramh saonta atá air budh dhóigh leat gur mhargadh réidh agat é .i. nár dheacair bob do bhualadh air. Gheóbhair ar shaor-mhargadh rudaidhe ar an gceaint: ar luach bheag don méid is fiú iad. Is olc an margadh ná beidh duine éigin sásta leis .i. má bhíonn an té a dhíol as saor mío-shásta budh chóir go mbeadh an té a cheannuigheas saor sásta. Bogadh ná sáthadh ní fhéadfainn do bhaint as an sean-asal dá mbainfinn an t-anam as; dhein sé cleas margaidh díom os chómhair na dúthaighe: ceap magaidh. Is iomdha cleas margaidh imeartha orm lém linn ge teangmhálaidhthibh glioca: cleas fill is camasghala. "An ragham in arm?" – "bíodh n-a mhargadh": ragham. "An dtógfair scilling air?" – "bíodh 'n-a mhargadh" .i. tógfad. Ní raibh de mhargadh eadrainn ach margadh na leanbh .i. geallamhaint gan urradhas ná ceangal cóimhlíonta. Thugamair i bhfad d'iarraidh margaidh do dhéanamh i dtaobh an chapaill: d'iarraidh réidhtigh do dhéanamh ar an luach. Tá margadh an phósta déanta anois: na coingheallacha go léir socair, réidhtighthe. Is daor an margadh scine ar choróin í: tugadh oiread uirthe is nách fiú í. Gheóbhfá rudaidhe ar shlat-mhargadh sa tsiopa nuadh: gan puinn sochair ag lucht a ndíolta ionta. Tabharfad dhuit an áit anois ar shlat-mhargadh: luach comhthrom. Cad é an cnáimhseán atá ort ná fuil cion do mhargaidh agat: toradh an nidh a dheinis léd thoil mheanmnaigh. Cuimhnigh nuair bheir ag pósadh nách margadh bó ná capaill do bheidh dhá dhéanamh agat: réidhteach gur féidir leat scaramhaint leis má thiocfadh do theadh air. Nuair bhíonn reic-díol ar siubhal i siopa

gheibhtear margáintidhe maithe ann: earraidhe go saor. Chuireamair sa mhargadh roinnt go comhthrom leis an té ná beadh aonnidh aige: san gconnradh: sa réidhteach a dheineamair eadrainn. “Agus ar ndul amach dho tímcheall an treas uair, do chonnaic sé drong eile díomhaoin ’n-a seasamh ar an margadh” (Matha XX. 3): sa log n-a ndeintí díol is ceannach. Budh chóir duit-se bheith sásta ach go háirighthe, tá an chuid is fearr den mhargadh agat .i. is tú is fearr atá tagtha as. Nár bheiridh t’anairt ar an margadh maran ort atá an deabhadh: déidheannach go rabhair is díombáidh dá dhruim ort. Thógas an bóthar so do dhéanamh ar margadh cor ceangailteach i dtaobh oibre lé déanamh: réidhteach nó cómh-aontadh idir dhá thaobh nó breis. Seasaimh ar do mhargadh .i. cuir iachall ar an dtaobh atá d’iarraidh a éimthe a thabhairt fé ndeara. Seasaimh léd mhargadh: ná bí d’iarraidh dul i gcois an ruda atá réidhtighthe agat do chóimhlíonadh. Ainmhidhthe ró-óg ná fuil chun margaidh fós: oireamhnach lé díol. Díoladh mórán stuic fé bhun an mhargaidh indiugh: an luach dob fhiú iad. Is fada ó bheith ionmhargaidh na hainmhidhthe seo, táid lom, bocht, seirgthe. Níl maircréil chómh hion-mhargaidh agus bhídís mar ná fuil an tógáil ortha i Mearaice anois: chómh furaiste áit cheannuighthe d’fhagháil dóibh. Táimid fé mhargadh an t-airgead go léir do bheith íoctha fé bhliadhain ó indiugh: de choingheall orainn. An bhfuil do chapall chun margaidh?: oireamhnach lé tabhairt ar aonach nó lé díol. Is deacair margáintidhe d’fhagháil ar mhargaidhibh maithe .i .earraidhe etc. d’fhagháil saor mar a mbíonn ceannach is díol maith. Deirtear lé mnaoi a cuirtear ó chrích tá toradh a margaidh go sármhaith aice (searbhas): tá feallta uirthe.

margaidheacht: *b.3.* triall ar mhargaidhibh; margántaidheacht; connstrabháil chun ruda do dhíol go daor nó do cheannach go saor. Chaithfeadh sé na tráthanna ag margaidheacht ar luach scillinge .i. d’iarraidh a fhagháil saor nó oiread d’fhagháil air agus b’fhéidir. Fear mór margaidheachta é, bíonn sé i gcómhnaidhe in áit go mbíonn rud lé ceannach is lé díol. Gan aon mhargaidheacht dhíolas é, mar ball maith dob eadh é: gan aon chonnstrabháil i dtaobh an luacha.

margaireacht: *b.3.* triall ar mhargadh, connstrabháil cheannaidheachta nó réidhtigh; socrughadh cúrsa trí chriathairt; dul i gcómhairle síothchána. Cuireadh deireadh go hobann leis an margaireacht a bhí idir an dá thír go bhfaghadh ceann aca cead bealaigh d’arm is d’armáil gabháil trí fhód an chinn eile: an seo seá sin: an cur ’san cúiteamh. Tá an riaghaltas ag machtnamh ar mhargaireacht long tráchtala: ar iad do cheannach. Bhí an namhaid an-ádhmharach ar mhargaireacht le tíorthaibh ná raibh i gcogadh taobhughadh léi: teacht chun réidhtigh leó. Sin é fear margaireachta na cómhluchta: a cheannuigheas dhóibh.

margálaidhe: *f.4.* ceannaidhe, fear déanta margaidh, díoltóir. Aon tsíos ná suas ní theastuigheann uaim do bheith agam leis an margálaidhe sin, ní bhainfeadh Pisín comhthrom de: duine dian chun ruda dhíol leis ná do cheannach uaidh. Mise an margálaidhe a bhí eatartha, is mé do chur crích ar an gcúram: an té a chuir éileamh is iarratas gach taoibh in iúil don dtaobh eile. Margálaidhe chómh cruinn, gasta le Giúdach seadh thu: ní deacra teacht i gcúram gnótha uaidh ná uait.

margamhail: *a.* soi-dhíolta; ion-mhargaidh, antarach. Éisceanna níos margamhla ’ná a chéile, an leathóg ceann aca san: gur fusa margadh nó ceannaidheacht d’fhagháil dóibh.

Beithidhigh dhubha, mhaola na hainmhidhthe is margamhla dhá bhreith ar aonach: is fusa scaramhaint leó ar airgead. An lá bheidh nidh margamhail agat beidh airgead agat: luachmhar.

margóir: *f.3.* duine a ghníos réidhteach ceangaltach chun oibre áirighthe do dhéanamh in am áirighthe ar shuim áirighthe; duine a ghabhas air féin earraidhe, biadh, etc., do sholáthar dréir coingheall; réidhtigh. Margóir atá ar an mbóthar so: duine go bhfuil sé ceangailte air é do choimeád i bhfearas ar áirighthe airgid. Margóir airm .i. a sholáthruigheas don arm.

marla: *f.4.* cré (saidhbhir). An marla buidhe sin ní maith é.

marlachán: *f.1.* duine nó ainmhidhe éiglidhe. Beag-chao a bhí aige ar shaoghal fada do bheith aige, ó bhí sé 'n-a leanbh tá sé 'n-a mharlachán: lag, dearóil. An dlighe budh cheart do chur ort, bheith ag baint oibre as an marlachán asail sin: asailín lag: dí-threórach. Tá marlacháin tar éis an gheimhridh agat: ainmhidhthe seirgthe.

marmar: *f.1.* cloch aoil criostalach, ioldathach, go minic go síogaidhibh áilne go ngráinne dlúth, claon lé líomhadh iongtach. Baintear áis as chun saoirseachta is dealbhóireachta. Ní raibh marmar ní b'fhuaire a leaca: an-fhuar ar fad. "...d'fháinnidhibh airgid is d'uaithnidhibh marmair agus do bhíodar na leabthacha d'ór agus d'airgead ar úrlár de mharmar dhearg agus gorm agus bán agus dubh" (Est. I. 6). "Atáid a chosa amhail uaithnidhe marmair ar n-a suidheamh ar fhulangaibh d'ór fhíneálta; a ghnúis amhail Lebanon óirdheirc mar na céadair" (Cantaic Sholaimh V. 15): láidir, taithneamhach.

mart: *f.1.* bó, beithidheach, damh, feóil bhó; beithidheach beathuighthe, creatlach beithidhigh; duine nó ainmhidhe reamhar beathuighthe téagartha. B'olc an luach ar mhart é, bhí sí ar an mbeithidheach budh thruime ar an margadh lé fada: ar ainmhidhe in aoirde a chothuighthe. Ith smior mairt is bí cruaidh tapaidh: scabhárd: an bhrigh: neart. An míoádh ar fad imthighthe ort-sa ach go háirighthe; cad ithir? táir id mhart: mór, taithigeach, feólmhar. An beithidheach do cuirfí ar féaránach ann bheadh sí 'n-a mhart saille i gcionn me: tuitighthe go mór chun feóla: saidhbhir fé fheóil. "Cad fáth an oiread cnámh? níl dhá phúnt feóla sa gheannc san dá thoirteamhla í" – "nár chualaidhis riamh ná siubhlann mart gan cnámhaibh?": go dtéighid lé chéile. Deineadh mart díom leis an mbuille: deineadh stalca marbh díom: deineadh pleist gan anam díom: baineadh mo mheabhair is m'éifeacht díom. Ní fhéadfadh sé gan neart do bheith ann, tá ceathramhanna mairt aige (air): chómh taithigeach is bheadh ar bheithidheach reamhar. An mhuc 'n-a mart anois agaibh: marbh, glan, cóirighthe, oireamhnach lé n-itheadh. Is é an mart is mó géim sa cheanntar so é .i. an bodach is treise. An oiread san ocrais orm go n-íosfainn mart .i. goile maith, folláin. Nuair bhíos óg leagfainn mart duit .i. bhíos an-láidir ar fad. Ibh a bhfeicidh do shúil d'anbhruithe úr mairt: is fearrde thu san. Mairt-fheóil na farraige an langa .i. an t-iasc is fearr ann. D'órduigheas stéig mhart dom féin: slisneóg reamhar. Bhaineadar fuil mhairt as a chéile sar ar bh'fhéidir iad do chosc .i. bhuaileadar chómh trom san a chéile go raibh "bóithre fola" ag gluaiseacht leó. Is cuma dho beidh an mart ar a phláta choidhche airís aige .i. tá sé ar a chumas gur féidir leis togha bídh do bheith aige.

márta: *f.4.* an tríomhadh mí den mbliadhain. Ná bí ag maoidheamh, níor chuiris an márta fós díot .i. is conntabharthach an mí é. Chómh luaith-inntineach le gaoith mhárta: claon lé hathrughadh go hobann. Leath a shaoghail ní fheadair san cad bhíonn dhá dhéanamh aige tá sé chómh mear lé míol márta: girrfiadh: a saoghalófí an mí sin. D'imthigh sé mar an ghaoth mhárta: go hiongtach thapaidh. "Connus tá gach screatal díot?" – "táim i márta a trí": ar fheabhas ar fad. "An márta a mharbhuigheann na daoine/ is na faoillidhe a mharbhuigheann na caoire": an márta is cruaidhe ar an nduine, leathfeabhra ar na hainmhidhthibh. Lá márta an chéad lá den mhí. A fheara, tá sé n-a lá márta: an-fhuar, an-fhiadhain, an-ghoirgeach.

martha: *a.r.* beó tar éis bháis a thuilleadh, buanighthe, coimeádta, lé maireachtaint air. Is olc 'sis aindeis an tslighe mhartha iascach: chun beatha do bhaint aiste. An bhfuil do shlighe mhartha sa tsiopa san? .i. an féidir leat oiread do dhéanamh ann is go mairfir air? Nach fad martha é, tá sé ag brughadh ar an gcéad: bheith beó fós d'aindeóin a aoise. Bheadh sé martha dá leigtí dho féin is gan é do chorruighe nuair bhí sé lag: beó. Nách fada martha an bradán sa stán – chúig bhliadhna: coimeádta gan lobhadh, gan dreódhachtaint. Ní mór díobh d'fhan martha tar éis an ghalair: a mhair thríd: a bhí beó 'n-a dhiaidh. Níl martha den líon tighe anois ach me: mise an t-aon duine beó tar éis bháis na coda eile. Ó táimíd martha go dtí so, níor rófhuraiste é, tá dul againn ar mhaireachtaint tamall eile: ó tá saoghal cruaidh curtha dhínn againn. Triúr lucht martha na luinge .i. a mhair gan báthadh.

marthain: *b.3.* do bheith beó, beathadhach; maireachtaint; saoghal, cómhnaidhe; lonnughadh, an bheatha; cothughadh; beathughadh. Neach liom níl ar marthain anois ach me féin: beo. Tá daoine ar marthain fós a labhras mar sin ach is beag é: 'n-a mbeathaidh. Sin focal ná fuil ar marthain 'n-ár measc lé fada: beó: lé clos. Cuirimís ar marthain airís an sean-nós breágh úd: aithbheódhaimís é. Níor mhaith leis in ao'chor a mharthain do bheith orm agus ghaibheadh sé tríd nár bh'fhéidir leis faic do thuilleamh: a chothughadh: beathughadh: congabháltas. Ar feadh mo mharthana 'sis iomdha lá aoise agam, níor bhuail éinne budh thoghtha de bhleaigeárd 'ná é: i rith mo shaoghail. Lé n-ár marthain ní raibh a lithéid d'uain againn ar éinne agus bhí againn air ag éisteacht leis ghá mholadh féin 'sa chuid gaisce: ó rugadh sinn. Ar feadh trí lá agus trí oidhche do bhí an bhainis ar marthain: ar siubhal: gan deireadh do chur léi. Lém mharthain ní labharfad airís leis: faid agus bheidh anam ionam. Deich scillinge tuarastail sa tseachtmhain 'sa mharthain atá dho: a bheathughadh. Bhronn a athair an áirighthe sin air chun marthana: chun é féin do bheathughadh air. Ní haon mharthain duit-se an cheárd san: gairm cheart bheatha. Tá marthain éinne sa tsiopa san ach aire do thabhairt do: beathughadh: cothughadh: coimeád suas. Is ar an ndochtúir atá a mharthain anois .i. an dochtúir an t-aon duine a choingbheóchas beó é. Cuirtear ar marthain tuairisc a ngníomhartha: coimeádtar cunntas i scríobhnóireacht ortha. "Déanfaidh sé an bheart an buille (turus) seo" – "lé n-a mharthain" .i. choidhche ní dhéanfaidh.

marthanach: *a.* beó, beathadhach, buan, dlúth, síorraidhe, suthain. Aon rud do chailleamhacht ach an bheatha mharthanach: an bheatha shíorraidhe: slánughadh anama. Éadach róshaor seadh é chun bheith marthanach: buan. Gheóbhair amach me nách dath

marthanach é sin go rithfidh leis an gcéad cioth báistighe bhuailfidh: dlúth: buan: a cheanglóchaidh. Níor chaill sé riamh é gan an buille mharthanach do bheith aige: an buille nár theip. Budh mhór an truagh é do bheith chómh neamh-mharthanach, budh bhreágh an rámhaidhe é: é do bheith neambuan. Nuair chuireadar chuige chuireadar chuige go fireann, níor stadadar de ghabháil air gur fhágadar rian marthanach air: rian ná fágfaidh é. Aithis mharthanach dho gan féachaint siar ar a mhuinntir beo, bocht, dealbh is é féin go gustalach, cumasach: cúis náire a leanfadh é go raghadh sé 'on chré. "An bhfuil súil lé hiasc anocht agaibh?" – "is mór an nidh bheith marthanach": dóchasach. An mhuir ag teacht 'sag imtheacht go marthanach: do shíor: buan-ghluaisteach. Galar marthanach an bhochtanacht ar dhaoinibh áirighthe: leanann sí do shíor iad. An t-anam is marthanaighe gen nduine: is buaine agus is córa freastal air. Dá mhéid a chaillimíd ár gciall 'n-a thaobh, ní marthanach é an t-airgead: seasuightheach: buan. Ní hé an fear é a bhí riamh ann, tá athrughadh marthanach tagtha air: athrughadh ná hathróchaidh. Bí marthanach id gheallamhaint .i. ná téighir 'n-a cois: cóimhlíon í.

marthanacht: *b.3.* faid saoghail, an tsíorraidheacht; buanas; cómhnaidheacht aimsire; buancas; buaine in aghaidh caithte; an feadh a mhaireas rud. Thoghas an blúire éadaigh sin lé n-a mharthanacht dar liom: leis an fhaid a sheasóchadh sé: buaine. Ní fhanfadh sé leat marthanacht nóiminte: ar feadh nóiminte. Cuimhnigh ar mharthanacht an anama bhoicht is déin soláthar in am do: faid na síorraidheachta. Is beag rud is sia marthanachta ná corp an duine: beatha: faid saoghail.

marthanaighe: *b.4.* buantseasamhacht, bithbhuaine, buancas, dlúithe. B'fhiú cuid mhaith an ball céadna lé n-a mharthanaighe, budh dheacair é do chaitheamh: faid a sheasaimh. Maidir lé marthanaighe an duine, ní mór gur fiú do bheith ag déanamh aon lóin dá bheatha: faid (ghearra) a shaoghail. Méaduigheann sé marthanaighe an datha maothachán do chur ann: dlúithe: treisigheann sé é gan rith. Sé beith is mó agus is fearr ar an mbeart atá aige a marthanaighe: a buancas: nách féidir athrughadh do theacht ná do chur uirthe.

martrán: *f.1.* corp, duine máchaileach. Tar éis an chogaidh seo is dá dhruim beidh na mílte martrán ann ná féadfaidh maith ná treóir do dhéanamh dóibh féin: fir mháchailighthe. Glúin thinn agam, lé fios cathain, táim im mhartrán aice: aindeiseóir gan tapa.

martrughadh: *f.* (*-uighthe*) máchailiughadh, ciorrbhadh, bascadh, athchumadh, do dhéanamh mairtíre. Na bróga róchumhanga san ort táid ghod mhartrughadh: ag déanamh cláirínigh díot. Ná bí ghod mhartrughadh féin lé trom-ualaighibh: ghod mháchailiughadh féin go marthanach. Ar éigean d'aithneófá anois é tá an oiread san martruighthe tar éis an chogaidh: athchumadh: mídhreach tugtha air. Is mór an martrughadh do thugadar ar ó bheith ag gabháil air: níor fhágadar a chuma féin air: gortughadh: milleadh clóidh. Ní martrughadh (martradh) go daille .i. níl aon mháchail ar an bpeacach is measa 'ná í. Is iomdha duine do deineadh do mhartrughadh sa dúthaigh seo ar son an chreidimh .i. do cuireadh chun báis.

martruighim: *b.a.* básuighim ar son creidimh, máchailighim, ath-chumaim, bascaim, goirtighim, bacuighim. Martruigheadh San Stiofán: cuireadh chun báis é i dtaobh a

chreidimh. Martruigheadh é leis an leagadh ná féadfadh sé thob ná théib do chur as aon chnámh leis: bascadh: goirtigheadh. Mhartruigh na bróga é lé n-a gcruaidheacht ná féadfadh coiscéim siubhail do dhéanamh ionta: ghoirtigheadar. Martruigheadh laistigh é, áit budh mheasa dho: máchailigheadh: bascadh. Cad mhartruigh é sin ná siubhlann sé i gceart: a bhacuigh é. Martróchaidh an capall san duine éigin, tá an diabhal féin lé malluightheacht air: déanfaidh sé díoghbháil chuirp. Is fada go martróchadh sé éinne: tá sé an-mhacánta, sochma. Ní mhartróchaidh sé thu in ao'chor an teachtaireacht bheag so do dhéanamh dom: aon díoghbháil ní dhéanfaidh duit. An diabhal féin ní mhartróchadh é, a rádh nár chuir an leagadh úd aon rian air: ní dheánfadh bascadh dho.

martruighthe: *a.r.* goirtighthe, bascuighthe, máchailighthe, básuighthe. Táim chómh martruighthe sin gen saoghal is gen aimsir ná féadaim mo dhrom do dhíriughadh: goirtighthe, claoidhte. Beidh siad martruighthe ó bheith ag éisteacht leat, b'fhearr leó go stadfá: clipighthe amach 'samach. B'é tuairm an dochtúra go mbeadh sé martruighthe lé n-a shaoghal, ná féadfadh sé an áis chéadna do bhaint as a ghéagaibh choidhche airís: goirtighthe: máchailighthe: gan a luadar cheart. Bhí an tsúil chomh martruighthe sin gurbh éigean í do bhaint amach as a cheann: chómh bascuighthe sin. Dubhairt Seán Chongó go bhfeaca sé leanbhaidhe martruighthe ge n-a muinntir i gcrioslach na hAfraice go raibh na géaga díobh agus an teanga gearrtha amach asta: ciorrbhuighthe: dí-bhalluighthe. Na céadta martruighthe ar son a gcreidimh: básuighthe. Cos mhartruighthe í sin, mío-ádh uirthe ná féadaim a chur fúm: cos go bhfuil rud éigin bun os cionn léi. Cheapas go rabhais i bhfad níos martruighthe agam, ní fiú bioran a bhfuil is a rádh nár mharbhuigheas thu: bascuighthe: goirtighthe.

más: *f.1.* (an) leis, leath-gheadán; leath-tón; an chuid fheólmhar den gcorp tímcheall an chromáin go suidhtear air; an chuid den gcéachda go gcuirtear an soc air. Más an Tiompáin an gheannc chruinn atá thuaidh ar chnoc Bhréanainn thoir anáirde ar Fhoithir na Manach i ndéanamh na coda san den nduine. Chómh córach lé más mná: an-chórach. Tá tinneas im mhásaibh ó bheith suidhte: im shuidheachán. Másа an chéachda: an bior go gcuirtear an soc air agus an scláta siar uaidh ar a suidheann an céachda ag treabhadh dho. "Ar an adhbhar san do ghlac Hanon, searbhfhóghantaidhthe Dháibhe agus do bhearr díobh leath a gcuid féasóige, agus do ghearr a n-éadaighe 'n-a lár go nuige a másа, agus do chuir ar siubhal iad" (2 Sam. X. 4): síos thar a shliastaibh. "Mar sin bhéarfas rí na hAisíria na hÉigiptigh leis 'n-a ndaoirseanachaibh agus na hEitiópaigh 'n-a mbraighdeannaibh, óg agus sean, nochtuighthe is lomchosach, eadhon go n-a másaibh lomnocht chun náire don Éigipt" (Isia XX. 4): síos go tóin.

más-: *i gcfhbh.* Bean mhás-leathan: córach, láidir. Cómhartha maith ar fhear bheith más-chaol: caol tímcheall na gcromán.

másach: *a.* mór, taithigeach tímcheall na gcromán is na sliasta. Bean ghránda seadh í, tá sí ró-mhásach ar fad: róreamhar tímcheall a cromán 'sa tóna. Ní cómhartha maith fir bheith ró-mhásach: trom-thónach. Másach mhná go raibh neart cúigir innte: bean thoirteamhail.

mascalach: *a.* acfuinneach, láidir, toirteamhail, maordha, tóstalach, fearamhail, feardha; bean mhaordha; toirteamhail ar chuma fir. Chuir sé roimis go mascalach a thriail do shásamh: go fearamhail, cródha. Cuireann sé roimis do bheith chómh mascalach lé fear: gníomh fir do dhéanamh. Shiubhluigh sí go mascalach treasna na sráide, budh dhóigh leat ná brisfeadh sí ubh: maordha. Cailín mascalach atá abálta ar aon tsaghas oibre do dhéanamh: cruaidh, fuinneamhail. Labhrann sí ró-mhascalach, ní thaithnigheann sí liom, guth an-gharbh aice: ar nós an fhir. Cé hí an mhascalach?: an cailín curanta.

mascal-ráidhte: cainnt láidir; ráidhte ceann-tréana. B'fhearr liom bheith fiche míle uaidh ná bheith ag éisteacht lé n-a mhascal-ráidhte níl teanga bhorb ón dtaobh amuigh de: a chuid cainnte maisighthe lé mionnaibh móra. Ní chuireann do mhascal-ráidhte aon eagla ar neach annso, níor chás linn ná go mbeifeá ag maoidheamh go gcuireadh Dia fios ort: cainnt láidir, bhagarthach.

mascal-ráidhteach: *a.* teann-chainnteach, borb-ghlórach. Dá labhradh sé breágh, deas, socair ar nós aon chríostaidhe, ach ní mar sin atá aige ach go mascal-ráidhteach: béal-láidir. Budh mhór an truagh é do bheith chómh claon lé teasaidheacht, budh bhinn an cainnteóir é, mara mbeadh é do bheith chómh mascal-ráidhteach: dian, láidir as a bhéal, ceann-uaiscneach.

mascalta: *a. n-dh.* fearamhail, ar chuma an fhir; tailc; tolgach. Níl aon rud a chuireann sí roimpe ná gur go mascalta é, thógfá ceann di mar mhnaoi: tolgach, comharthuightheach: ar nós fir. Is beag rud a néann garsún ná deineann sí, cailín mascalta seadh í .i. tréithe is mó is dual d'fhear 'ná do mhnaoi: feardha.

mascaltacht: *b.3.* neart, tolgacht, bríoghmhaireacht. Mo chráidhteacht is mo mhairg ambáireach is é an fear é ná fuil an mhascaltacht ann: níl sé oireamhnach d'aonnidh ach tímcheall cearc: ceal tréithe an fhir air. Sin bean go bhfuil mascaltacht 'n-a géagaibh gur ghearr an mhoill uirthe crústa dhorn do thabhairt duit: neart mar bheadh ag fear. Éileamh mór ar mhnáibh aige níor éaluigh sé ón mascaltacht: bríoghmhaireacht an fhireannaigh.

masla: (**maisle**) *b.4.* iomarmhas, easonóir, caduaic, easurraim, achmhusan, aithis, easmailt, locht, cur siar, dochar, duabhais. Ól é sin is masla nár né sé dhuit .i. gortughadh .i. gur fearrde thú é ó chroidhe amach. Masla ort nár fhan liom .i. nílim buidheach in ao'chor díot. 'Masla uait, tá mo chroidhe briste agat lé gáiridhe' adeirtear nuair bhíonn breis is a dhóthain grinn ag duine. Masla na bliadhna tharat, tá déanta go maith agat dom .i. sláinte is rath ort i rith na bliadhna. Masla orm-sa nár leig duit féin, mar is beag ded bharr agam: orm-sa féin go mbí a aithreachas. Duine leicthe é sin go ndéanfadh aon rud masla dá shláinte: díth: bascadh. Ní masla dho labhairt ar do shon, is fiú san thu: ní cúis aithise é: ní fhéadfaidh éinne a rádh go bhfuil rud mí-cheart déanta agat. Níor thuill sé masla éinne riamh, bréag ná scéal níor chuir sé féin ar neach: achmhusán: níor dhein faic dob fhéidir do chasadh leis. Má thugas masla dhuit tabharfad sasamh duit ann, iarrfad do leathscéal: easonóir. Tá cúram air i gcóir a shaoghail, mar a bhfuil lé déanamh aige ach bheith ag tabhairt masla do dhaoinibh: ag tromaidheacht is ag suainseán ortha. Ní masla an bhochtnacht: aithis: cúis náire nó rud do chasadh lé duine. Ná bíodh aon imshníomh ort 'n-a dtaobh níl aon mhasla dhíoghbhálach cuirp ortha ach rian beag ná goirteóchadh

mo theanga: gortughadh: máchail. Mo mhairg, is minic masla tugtha agam do Dhia na glóire lé droich-bhéal is eascaine: é goirtighthe agam: gonta. Táir i bhfad ródhian ort féin lé hobair, is go dearbhtha déanfaidh masla dhuit: tuirse is díoghbháil sláinte. Riamh ní raibh maise gan a masla, dá bhreághthacht de mhnaoi í cá bhfios ná fuil locht nó iomard éigin i nganfhios uirthe. An uile dhuine ag tabhairt masla don riaghaltas ná fuil so súd déanta aca mar budh cheart dóibh: ag caitheamh achmhusán leo. Masla id lár! (eascaine): díoghbháil throm ort. Is mór an mhasla dhuit os chómhair na dúthaighe a luighead curadóireachta atá déanta agat in aimsir ghéibhinnigh mar í seo is a bhfuil de thalamh agat imthighthe fiadhain: aithis: mí-mheas: cailleamhaint cáile. D'fhág sé an áit fé mhasla gur chúbláil sé airgead: mí-mheas: aithis.

maslach: *a.* aithiseach, goirtightheach, strusamhail, easonórach, dian. Obair mhaslach seadh bheith suidhte ar feadh an lae ar do chúram: dian: ró-íogair. Cad is maslaighe do dhuine 'ná bheith ag itheadh na feóla fuaire ar a chómharsain: is aithisighe: a thuilleas mí-mheas. Déineann an duine na mílte rud maslach do féin os chómhair a shúl is ní thuigeann cad é an bhuaidhreamh a thairngeann sé air féin: díoghbhálach, goirtightheach. Teanga an-mhaslach atá aige ná leigeann d'éinne: ithiomráidhteach: cáinteach: lochtach: suainseánach. Is maslaighe dhuit-se bheith ag tabhairt easonóra dhó-sa ná dom féin: is náirighe: is lugha do thuilleann meas.

maslamhail: *a.* aithiseach, tarcuisneach, táir, náireach, goirtightheach, strosamhail. Duine gránda, maslamhail seadh é, gur cuma leis cad deir sé lé duine chun mí-mheasa do thabhairt air. Tugadh os chómhair na cúirte é lé cainnt mhaslamhail, ní raibh ainm fén spéir nár thug sé ar dhaoinibh: droichbheasamhail: gráineamhail. Ná bí maslamhail as do theangain, ní cuibhe d'éinne bheith mí-mheastamhail ar neach: tugtha d'íde béil. Rud ró-mhaslamhail seadh aonnidh do scaipeadh ar dhuine gan bheith lán-deimhnightheach de: náireach. Sid é an siubhal maslamhail sa brógaibh cumhanga so: strosamhail. D'fhág an scian rian maslamhail orm, isteach go cnámh do chuaidh sí: goirtightheach. Ní bheinn chómh maslamhail ort is bheinn ar dhaoinibh eile, pé cúis a bheadh agam ort: chómh dian leis an dteangain ghod lochtughadh.

maslughadh: *f.* (*-uighthe*) tarcuisniughadh, achmhusán, d'easonórughadh, gortughadh, máchailiughadh. Budh mhór an maslughadh di srón rómhór do bheith uirthe: díth dá hailneacht. An maslughadh is mó a fuaireas riamh a rádh liom go raibh cuma na bhleaigeáird orm: tarcuisniughadh: mí-mheas. B'fhearrde thu anois ciúnas, ghod mhaslughadh féin do bheir má thugair gach re seadh uait, cuimhnigh gur aca atá an chómhacht: ghortughadh. An t-aon tslighe b'fhusa é do mhaslughadh gan é do thabhairt fé ndeara in ao'chor: táir is beag-mheas do thabhairt do. Ón lá do chuir sé a cos thar tairsing ann ní bhfuair ann ach maslughadh, an focal is measa 'n-a mbéal, mío-mhúineadh is giorraisc: déanamh mí-mheastamhail. Ní mór an mhaith bheith ag maslughadh dhuine é féin ar an rud a bhíos imthighthe: ag fagháil lochta. Do dhícheall dearg ní fhéadfadh mise do mhaslughadh lém chómharsanaibh .i. dá dhroichtheiste is droich-ainme do thabharfá dhom níor lughaide a meas orm. Is breágh don té a éaluigheann trí n-a bheatha gan maslughadh: gan iomard éigin do thárlachtaint do.

maslughchán: síor-easonórughadh, an t-achmhusánaidheacht do cuirtear i leith dhuine. Ní maith í a cheárd chun Dé bheith ag maslughchán, ná faghadh sé aon rud budh thairbhighe dho 'ná bheith ag tromaidheacht: d'iarraidh díoghbhála do dhéanamh do cháil dhaoine eile lé bréig. Níor bh'aoibhinn leat bheith ag éisteacht leó ag maslughchán a chéile, maidir lé cainnt bhorb is droichmheas: ag tabhairt aithise is náire dá chéile. Ag dul isteach id bhéal indiugh gur dhóigh leat gur leat féin is ag maslughchán ort ambáireach: ag cainnt d'iarraidh droichmheasa do chur ameasc daoine. Bíodh an maslughchán aca san, bíodh ár meas againne: bídís-sean ag tabhairt tarcuisne, bímis-ne ciúin.

masluighim: *b.a.* tugaim easonóir, tarcuisne dho, casaim rud lé, goirtighim, bascaim, easmailim, cuirim ó chrích, éilnighim, máchailighim, scannluighim. Maslóchaidh sé leis gach éinne thu ar an ndíomas atá aige dhuit: ionsóchaidh sé do cháil: tabharfaidh iarracht ar theimheal do chur ortha. Maslóchaidh trom-obair, beag-bhiadh is ceal codlata neach ar bith: déanfaidh dochar cuirp is sláinte dho. Nách eól duit go maslóchadh sé éinne a rádh leis os cómhair scata ná raibh aon mhaith ann .i. go ngoirteóchadh sé a mhotháilt. Nuair bhír ag eascainghe is ag caitheamh mionn mór ná fuil a fhios agat go masluighir Dia: go néir rud a chuireas mío-thaithneamh air. Maslóchair féin thú féin má bhíonn an iomad cainnte agat: goirteóchair. Sa chogadh cheana masluigheadh i bhfiche áit é gur scuireadh as an arm é: goirtigheadh: gonadh. Fan socair go bhfáiscead an stráice i gceart ar an leónadh, ní mhaslóchaidh sé in ao'chor thu ach a mhalairt: ní dhéanfaidh aon dochar duit. Maisligheann an tsín aon rud do fágtar rófhada fúithe gan chosaint: máchailigheann: déineann a dhochar. Go maislighidh sé thu maran agat atá an faitchíos roimis: díoghbháil go né. Níor mhaisligheas-sa thu leis, níor chuireas id leith go raibh lámh ná ladhar agat ann: níor chasas leat go rabhais cionntach.

masluighthe: *a.r.* goirtighthe, máchailighthe, gonta, athchúmtha, mí-mheasta. Táim masluighthe go mór ge cainnt na ndaoine ag scaipeadh scéal ná fuil i gceist: tarcuisnighthe: díoghbháil déanta dom cháil. Dar léi go bhfuil sí masluighthe agat toisc nár labhrais léi: mí-mheas tugtha agat di. Dá dtuiteadh duine nó go mbuailtí é déarfí leis, "an bhfuilir masluighthe?": gonta: basctha. Is minic sin masluighthe me ge teangain na gcómharsan: rudaidhe neamhfhírinneacha curtha im leith. Súil mhasluighthe riamh í sin, tá cor innte is í ar bheagán radhairce .i. go bhfuil máchail uirthe: rud éigin ná fuil sí 'n-a ceart.

masluightheach: *a.* achmhusánach, easonórach, suainseánach, cáinteach, scannalach, goirtightheach, mácailightheach, strosamhail, dian. An béal masluightheach atá air is beag duine a éaluigheas ó n-a fhaobhar: goirtightheach suainseánach: ag trácht go míochothromamhail, cáinteach. Focal caoin ná cneasta níor sceinn uaidh, ach gach aon rud budh mhasluighthighe 'ná a chéile: tarcuisneach, tair, dí-mheasta. Neach ní fhágann sé gan ruail dá theangain do thabhairt do, is ní go molta ná go comhthromamhail é, tá sé an-mhasluightheach ar fad: tugtha do rudaidhe do rádh do mhothuigheann duine lé n-a mbinb is a neamh-fhírinne. Is fada go dtáinig aon iomard ar fheirmeóiridhibh na hÉireann is masluighthighe 'ná an galar béil is crúb so, na céadta ainmhidhe dá gcur chun báis 'n-a thaobh: is díoghbhálaighe. An-mhasluightheach ar fad ar shláinte dhuine é do bheith ag dul ó chodladh: strosamhail: dian: bascuightheach.

masluightheacht: *b.3.* máchaileacht, goirtightheacht, ciorrbhadh, íde bhéil, ithiomrádh, cáineadh, suainseánacht. Ní fhoidhneochadh naomh leis le n-a mhasluightheacht ní fhágann sé thíos ná thuas ar éinne é go leathann a bhéal air: do thabhairt íde bhéil gan chóir gan cheart. Masluightheacht an uile fhocal dá dtagann as a bhéal, ní fheadair sé cad is focal maith ná focal molta do labhairt ar éinne: tarcuisne is iarracht ar dhroich-mheas do tharrac ar dhuine. Nách masluightheacht gan allus ná náire dhuit é do chúisiughadh lé rud ná deárna sé: suainseán mí-cheart. Dá mhasluightheacht a bhí sé thug sé iarracht ar shiubhal abhaile cé go gcloisfeá uait é ag gearán lé tinneas: ghoirtightheacht: máchailigheacht.

masluightheóir: *f.3.* suainseánaidhe, tarcuisneoir, achmhusánaidhe bréagach. Tá sé lé maoidheamh aige gur thug sé a ainm 'sa cháil glan gan smál leis, d'aindeóin na masluightheóiridhe a ghearrfadh an scórnach aige: daoine a bhí d'iarraidh a cháile do theimhealughadh, is drochainm do chur amach air. Is mór an truagh masluightheóir ná féadann aire do thabhairt dá chúram féin ach bheith ag tromaidheacht ar an bhfear thall: duine gur b'é a chúram saoghalta droich-theist do scaipeadh ar chách. Go saoraidh Dia m'anam air, níor chuala a lithéid de mhasluightheóir lém chuimhne, níor fhág ainm Dé a bhéal ó thúis deireadh: duine a thógas ainm Dé gan chúis gan adhbhar gan urraim ar bith aige dhi: mallachtóir.

masmas: *f.1.* craos, dóthanacht, samhnas, múisc, teann-sháith. Chaith sé luighe lé masmas fuachta: fulang ón bhfuacht. Masmas go gcuiridh an biadh ort-sa ach go háirighthe, maran ort atá an t-ampla, ní fadó ó éirighis uaidh: goilleamhaint go gcuiridh ag úirleacan thu. Ceal feóla? níl a lithéid air, is amhlaidh atá masmas air aice, é ghá hitheadh trí huaire sa ló: múisc: feóil ag brúchtghail aige leis an méid atá ithte aige dhi. Má ithir a thuilleadh den mbiadh mútamhail sin cuirfir masmas ort féin leis: breóidhteacht: casadh aigne do. Geallaim duit nár cuireadh aon mhasmas orm leis an méid do fuaireas .i. teasbhach bídh: an méid a fuaireas níor ghoill sé orm lé n-a thoirt. Mara seachnuighir an duine baile úd cuirfidh sé masmas ort: déanfaidh sé oiread leat is ná taithneóchaidh leat. Masmas orm ag an bhfeóil sin: táim dóthanach di: a thuilleadh ní fhéadfainn dhi d'itheadh. Nách amhlaidh atá masmas ar an bhfear san aige; cad é an toradh bheadh aige air? é bheith tuirseach ón méid de a bhíos aige: sáithighthe.

mata: *f.4.* straideóg, rud chun cos do chuimilt ann; rud déanta de thuighe nó eile, fighte go dlúth, lé cur fé ughaim ar ainmhidhe ceathair-chosach chun a chuirp do chosaint ar ghriogadh. Mataidhe srathrach.

máta: *f.4.* an t-oifigeach ar bórd luinge is giorra don gcaptaen i ngradam. Aon rud bog leathan mío-chúmtha mar tarradh do doirtfí. Mátaidhe móra de tharraidh the dhá leathadh ar an mbóthar. Máta mór caca: clais mhór de.

máthair: *b.* (*-thar*) túismightheóir baineann, bruinneach, soláthraidhe, cúis, bunadh, túis, préamh, cúis. Gearradh bíognach do cuireadh 'n-a mhéir nár cuireadh aon nath ar dtúis ann gur fháisc chuige is gur nimhigh. Féach nách lugha frigh ná máthair an uilc .i. gur beag an nidh a ghníos buadhairt mhór. Lé linn gádhtair, ach go mbíonn dóchas ag duine, deirtear, "tá Dia láidir is máthair mhaith aige" .i. ní thréigfidh Dia is Muire sinn. Ní raibh

d'athair is de mháthair ann ach bitheamhnaigh .i. bitheamhnaigh iad uile: bhí an áit tuillte dhíobh. Máthair cos-éadtrom inghean cos-trom .i. nuair bhíonn an mháthair éascaidh chun gnótha bíonn an inghean mall, leasc. Leas-mháthair a thógfadh ar éinne gan an méid do gheóbhadh sé a thógaint .i. duine ná beadh aon bháidh aige leis a bheadh n-a choinnibh mar gheall air. Bean mhic is máthair céile mar bheadh cat is luch ag faire ar a chéile .i. ní bhíd buidheach báidheamhail. Cneadh chómh holc san dob eadh í gur tháinig máthair shúigh aiste: an croidhe a bhíos innte mar bheadh féithleóg chruaidh. Éirigh as, lé sprionnlaitheacht ní thabharfadh sé faic dá mháthair gan bac le neach eile. Tá grádh máthar aice dho: grádh ceanamhail. Níl mac máthar againn ná go bhfuil cionntach: neach in ao'chor. "Moladh na máthar cáineadh na hinghine" .i. níl neach a chreidfeadh go mbeadh aon inghean chómh hiongtach is labharfadh an mháthair uirthe. "Agus do ghoir Ádhamh Éabha dá mhnaoi de bhrigh gurb í máthair an uile bheo í" (Gein. III. 20). D'eiteóchadh sé a mháthair: d'eiteóchadh sé éinne is gach éinne. Máthair bhaistidhe: cáirdeas Críost. Ar an maoidheamh atá air budh dhóigh leat go ndéanfadh sé an diabhal 'sa mháthair: iongtaisidhe. Máthair áil: an sean-éan: seanchráin: baineannach a bhíos i gceannas leanbh nó daoine go mbíonn freastal ag teastáil uatha.

matalang: (**matalong, batalong**) *f.1.* cinneamhaint, mío-ádh, bascadh, tubaist. Matalang farraige 'n-ar báthadh na céadta: cinneamhaint throm. Matalang nár éirighidh dhuit go bhfillir: bascadh ná tubaist. Pé rud do chuir uirthe, tá matalang ar mo láimh nách féidir liom d'árdach: bascadh: tubaist.

máthardha: *a. n-dh.* ceanamhail, ar nós na máthar. Cé ná raibh gaol ná cómhgas ag an leanbh léi thug sí aire mháthardha do .i. díreach chomh maith agus dá mbudh é a cuid féin é. Gaedhealaing ár dteanga mháthardha: dúthchais.

math-shluagh: *f.1.* bailiughadh mór daoine, scata; díorma, pobal, daoscar, cóip. Na math-shluaighte bailighthe tímcheall ar fhear na méaracán, é ag déanamh a chuid cleas'sa mbéal ar leathadh aca lé halltacht a ghliocais: scataidhe. Math-shluagh mór ag an aifreann indiu: pobal mór. Brostuigh, ná feictear sinn, beidh na math-shluaighte orainn gan mhoill: baileóchaidh oiread 'n-ár dtímcheall is nách maith dhúinn. Chruinnigh math-shluagh 'n-a thímcheall gur fhóbair go stracfaidís as a chéile é: cóip na sráide.

mé: *an chéad phearsa, forainm* Mise mé féin is cé hé thusa .i. nách mór an fios atá uait cé hé me. "An bhfuilir ag dul in aonfheacht linn?" – "táim agus me": níl aon amhras air.

meabhair: *b.5.* ciall, inntin, aigne, cuimhne, réasún, eolas, mothúilt, feidhm, feart. Is mithid duit anois in aois fir duit gan aon cheal mheabhrach do bheith ort, ná go mbeadh a fhios agat connus do phingnidhe beaga do chongbháil i bhfochair a chéile: ciall: tuigsint chun an ruda chirt do dhéanamh. Bíonn seisean ag baile ó aonach is ó mhargadh i mbolgán an lae – féach gur mór an mheabhair ag duine í: ciallmhaireacht, breitheamhantas ceart ar cad is maith dho do dhéanamh. Dhall an t-airgead go léir é nár fhan léas mheabhrach aige .i. ar aiste ná raibh a fhios aige cad bhí dhá dhéanamh aige. Nuair bheadh gach aonnidh chun éinne amháin bhainfidís do mheabhair dhíot: dhallfaidís amach thu: bheifeá amugha ná feadraís cad budh cheart do dhéanamh. "An méid meabhrach atá agam, fág agam í", deirtear nuair bítear in achrann is go mbítear ag cur

isteach. Bhain ráiseanna is capaill a mheabhair shaoghalta dhe: an mheabhair ar fad. D'fhear ná fuil scoláireacht ná oileamhaint air tá árd-mheabhair chinn aige: inchinn chun rud do dhéanamh as a stuaim féin. Is minic do chuala tagairt do ameasc na seandaoine, ach toisc gan mheabhair chinn cheart do bheith agam ní rugas liom é: feart chun é do choimeád im chuimhne. Tá gach aon rud de ghlan-mheabhair agam-sa, cuimhnigh go gcuimhneóchad ar an dtarcuisne do fuaireas: go soiléir im inchinn. Toisc nár éirigh leis, agus é lán-deimhnightheach de, níl a mheabhair féin ná meabhair éinne eile aige: olc is fearg air: ní fheadair sé cad tá ar siubhal aige. Ar feadh dhá lae is dhá oidhche gan aithne gan úrlabhra go dtainig sruth-mheabhair do i dtosach an tríomhadh lae: gur aithin sé is gur chuimhnigh sé. Eisean ag tabhairt mheabhrach don saoghal mór is gan luid aige féin!: ghá mhúineadh dhóibh cad budh cheart do dhéanamh is gan a dhéanamh. Bíodh meabhair linn, ní fearr biadh ná ciall is gan dul ró-fhada ar aon scéal: fuaimeant. Tá sé mar duine go mbeadh rádhmhaill air, ní bhfaghaim aon mheabhair leis: aon tuigsint níl agam ar cad atá fé nó ar siubhal aige. Anois cé bheadh ag lorg mheabhrach ar an té a fhágas a tigh béal anáirde?: ag brath air í do bheith aige. Beidh sé sin ag fagháil mheabhrach leis an aois .i. breis stuidéir ag teacht ann. Leithéid an lae indiugh mara mbeadh clúid mhaith ort a thabharfadh smut ded mheabhrach duit: ciall: a mhúinfeadh duit aire do thabhairt duit féin. Chuaidh sé as a mheabhair nuair briseadh as thigh is threabh é: díthcéille. Táim glan as mo mheabhair ge tinneas: ar buile. B'fhearr liom go mbeadh do mheabhair agam, a shonaoidighe a labhrair ar gach aon rud fén spéir: t'inchinn. Goirteóchair tú féin leis an inneall san, fan siar uaidh, níl meabhair chirce (sicín, gealbhain etc.) agat: luid in ao'chor. Ar mh'anam féin, féin, ná fuil sé as a mheabhair ná as a mear(a)-chuimhne: gan réasún, gan cumas aige ar a mhachtnamh. Fan réidh, tá an diabhal féin le deacracht ar na ceisteannaibh seo, fan go gcruinnighead mo mheabhair: go gcuirim feart mo mhachtnaimh i bhfeidhm. Nuair bhíonn rud gan aon deallramh déanta ag duine, deirtear leis: "ní lé haon mheabhair do dheinis é sin" .i. amadántaidheacht: ceal féachaint rómhat. Má bhí obair ag éinne riamh a mheabhair do choimeád bhí sé aige nuair rith an gluaisteán air ó n-a smacht le fánaidh .i. cómhacht do bheith aige ar cad bhí dhá dhéanamh aige. Nuair bhionn rud éigin buadhartha, suaidhte ar siubhal nó sinn do bheith i dteannta, deirtear, "go bhfágaidh Dia ár gciall is ár meabhair againn" .i. cómhacht chun cad is ceart dúinn do dhéanamh chun sinn do stiúradh. "Budh mhór an dul amach áthrach aoir do dhéanamh" – "cá ngeobhadh meabhair an duine": ní fuláir duit inchinn cheaptha an duine do thabhairt fé ndeara. Nách mór go léir an mheabhair don éan a scaoiltear na céadta mílte ó bhaile go mbaineann sé amach a thriall: eólas: géaraidheacht. Bhain an leagadh a mheabhair as a cheann .i. chuir sa tslighe é is nár chuimhin leis a thuilleadh. Déin as do mheabhair chinn féin é, nó fág gan déanamh é: as do stuaim féin. Cad é an mheabhair atá leis an bhfocal san, téigheann sé díom: ciall: brigh. Caith meabhair leis an scéal, cuimhnigh ná beidh faic buaidhte agat lé cúiteamh do bhaint amach, is ní théigheann rogha ón réidhteach: réasún: breitheamhantas: fuaimeant. Bainim saghas meabhrach as, ach nílim soiléir 'n-a thaobh: saghas tuigseana. Ná hinneósadh do mheabhair féin duit ná raibh aon dul agat ar bheith ró-mhaith do dhuine oilte: do thuigsint dhlistinneach. Níor fhág na piléir, na pléascáin, an torann san scrios splannc mheabhrach im cheann, ná feadar cá gcasfainn: rian cómhachta incheann chun mo stiúrtha. Ní fada uaidh an chabhair (bás) anois, tá an mheabhair ag scaradh uaidh: an feart lé n-ar féidir nidhthe do thabhairt fé ndeara is d'aithneamhaint go soiléir. Cuir ar a mheabhair do mara mbeidh a iarratas istigh aige fén lá úd nách aon mhaith dho é: cuir 'n-a luighe ar a chuimhne é.

Ainmhidhe meabhrach seadh an madra: eólgaiseach .i. é do bheith i ndán dealughadh do dhéanamh ar nidhthibh áirighthe. Faigh-se meabhair anois do, tá sé ag dul díom-sa: réidhtigh-se é. Ag fagháil(t) mheabhrach don dtigh-seo? á, ní féidir: a ghnóthaidhe do thuigsint, do riar agus é do choimeád fé smacht. Dheineas mo dhícheall ghá chómhairleach is ghá chur ar a leas, mar a chéile dhom dob eadh é, d'éirigheas as, ní fhéadfainn bheith ag fagháilt mheabhrach do: bheith d'iarraidh aire do thabhairt do, is bheith imshníomhach 'n-a thaobh. Is iongtach é thu is meabhair d'fhagháil do n-a bhfuil sa tsiopa: bheith ábalta ar chunntas cruinn do chongbháil ortha. Tagadh meabhair duit agus is mithid é: bíodh ciall agat. Níl oiread meabhrach aige is bheadh ag leanbh: beagán tuigseana.

meabhal: *f.3.* cealg, claoine, caime, plámás, gliocas, camasghail (camadghail), aithis. Imreadh meabhal orm, mara mbeadh gur himreadh ní theipfeadh orm: cam: cealg i nganfhios dom. Ní meabhal leis sin an rud is measa amuigh do dhéanamh, is amhlaidh a bhíos meas air 'n-a thaobh: náire. Nách é atá go breágh bog, milis-bhriathrach ag lorg, meabhal é seo chun ruda d'fhagháil: gliocas plámais. Ná bíodh aon mhí-mhuinghin ag neach as ná go gcóimhlíonfaidh a gheallamhaintidhe, níl meabhal 'n-a chroidhe: cam: calaois. Lé meabhal a fuair sé an céad púnt uaim, gheall sé go mbeadh aige is go bhfillfeadh: cleasaidheacht cham.

meabhlach: *a.* cealgach, claon, cam, cam-ghlic. Ag déanamh margaidh leis bíonn sé chómh meabhlach san nách féidir a bharra do bhaint: cealgach: glic, cam, gan tuairm agat do. Feitheóir meabhlach dob eadh é, an oidhreacht do cuireadh ar a chúram chun a riartha chúbláil chuige féin í: mío-mhacánta go toilteanach. Is meabhlach an chuma atá ort leis an ráipéar scine sin: conntabharthach. Is meabhlach an rud taidhbhreamh: ní mar taidhbhrightear a bítear.

meabhlaire: *f.4.* cluanaire, plámásaidhe, fealltóir. An meabhlaire, budh bheag an náire a bhí air an cailín do chur ó chrích: fealltóir, duine a ghníos míghníomh go toilteanach ar scáth bheith freagarthach. Léd bhéal gheallfadh an meabhlaire na huirc is na hairc dhuit gan aon fhonn air scaramhaint lé faic, i ndeireadh dála ní bhfaghfá dada .i. a chuirfeadh an bhréag 'n-a fírinne ort: a chuirfeadh amugha thu go neamhnáireach toilteanach.

meabhlaireacht: *b.3.* feall, camasghail, calaois, ceilg, meang. Tar éis cómhar is cor do bheith ceangailte idir an dá thír chuaidh ceann aca trí mheabhlaireacht cheart ag taobhughadh lé namhaid na tíre eile: réabadh muinghine. Lé meabhlaireacht chúbláil sé chuige féin an méid d'fhéad sé d'airgeadh a lucht feadhmanais: mío-mhacántacht lé hinntin tairbhe do dhéanamh do féin. Lán go béal de mheabhlaireacht atá sé níor cheart iontaoibh do thabhairt leis treasna an bhóthair ná go gcasfadh sé ort: camasghail.

meabhrach: *a.* fuaimeantamhail, ciallmhar, cuimhnteach, aireach, cúramach, foghlumtha. Duine deagh-mheabhrach é sin ná leigfidh puinn dá chuid ar bóiléagar: ciallmhar. An-dheagh-mheabhrach tímcheall curadóireachta: eólgaiseach: tuairmeamhail: fios aige i dtaobh síl is leasuighthe etc. Táir ag cur chuige deagh-mheabhrach go maith: ciallmhar: i slighe go bhfuil an ceann ag obair go maith. An té a bheadh deagh-mheabhrach sar ar tháinig gainne ar an dté is earraidhe dhéanfadh sé lón díobh: a

fhéachfadh roimis is do scrúdóchadh an cúrsa go cruinn. Faic a theastóchadh uainn do thug sé leis é gan neach ghá rádh leis tá an duine chómh meabhrach san: cuimhnteach. Tar éis is deagh-mheabhraighe gach éinne .i. is fearr a bhíos eólas ag duine. Gach rud atá thíos ar an lic air is meabhrach leis: táid ar eólas aige.

meabhraidheacht: *b.3.* eólgaiseacht; géire inntine, an aigne, machtnamh, breithniughadh do dhéanamh eólais na slighe. Ó shuidheas níor thóg sé an dá shiúl díom ach ag meabhraidheacht orm: ghom thabhairt fé ndeara go cruinn. Chonnac ag meabhraidheacht uaidh síos é (ar rud éigin) de scéimh na faille: ag dearcadh d'iarraidh rud éigin do thabhairt chun cruinnis. Bí ag meabhraidheacht ar an bpáipéar san d'fhéachaint an mbuailfeadh aon nuadhacht leat: ag féachaint thríd. B'iongtach an mheabhraidheacht do an tigh do bhaint amach sa doircheacht: géireacht: gníomh eólgaiseachta. Dubhairt sé liom fadó go mbrisfeadh an cogadh amach san áit chéadna, sin í an mheabhraidheacht i bhfear: léargas tuigseana. Dá mbeadh aon mheabhraidheacht ionam budh cheart dom a fhios do bheith agam nách fada do shásóchadh an rud ná bítear ag cur an líonadh in ionad an fhollamhuighthe: crích orm chun rud do bhreithniughadh go ceart. Ag meabhraidheacht ó thuaidh do bhí an fhorfhaire nuair d'éirigh an bád fé thuinn ar a cheathramhain béil: ag féachaint uaidh ar uachtar na mara. Madra go bhfuil an seódh meabhraidheachta aige, ní mór ná go mbeadh a fhios aige cad bheadh ar siubhal it aigne: tréith inntine cosamhail lé cómhacht tátaill do bhaint amach. D'imthigh an mheabhraidheacht leis an aois .i. an tréith gur bh'fhéidir gach rud do chur 'n-a ionad cheart is a mheas dréir céille is réasúin.

meabhrughadh: *f.* (*-uighthe*) ag tabhairt fé ndeara, ag déanamh na slighe trí dhoircheacht nó achrann, scrúdughadh, breithniughadh, cur i gcuimhne. Ar an slighe chonnac ag meabhrughadh é lé n-a mhéireannaibh dhéarfainn go bhfuil sé an-ghearra sa radharc: ag brath roimis. Faic ní fhéadfainn do mheabhrughadh ar theacht isteach dom, do bhí solas na gréine im shúilibh: do thabhairt fé ndeara. Tu do mheabhrughadh in aon áit ar fuaid an mhath-shluaigh níor bh'fhéidir liom: de bharr féachta go géar níor thugas fé ndeara thu. Toisc an t-an-thaithige do bheith aige ar an áit níor bh'aon duadh aige meabhrughadh ann ist oidhche: eólas na slighe do dhéanamh go cúramach, aireach. Caitheann sé furmhór a shaoghail ag meabhrughadh ar leabharthaibh: ag féachtaint tríotha is ag foghluim asta. Níl aon mheabhrughadh ar aon phian ná tinneas aige ó bhí an dochtúir aige: braithstint. Trí laoidhthe móra, fada do bhí de ghlan-mheabhair gen seanduine, nár mhór an meabhrughadh d'fhear ná raibh riamh ar scoil: an tógáil i gcuimhne.

meabhruighim: *b.a. 7 n-a.* cuimhnighim ar; tugaim chun mo chuimhnte, machtnuighim ar, ceapaim, breithnighim, foillsighim, samhluighim le, déinim eólas slighe etc. Meabhruigh i gcuimhne me dár gcómhcháirde go léir: cuir in iúil me dhóibh go rabhas ag cur a dtuairisce. Mheabhruigheas an cúrsa ó thalamh sar ndeárnas cor do chur díom chun aonnidh do dhéanamh: scrúduigheas: chuireas trí chéile go maith. Choidhche ní mheabhróchair abhaile tá sé chómh dorcha lé tóin an phúca is an mío-ádh lé hachrannaighe ar an mbealach: ní fhéadfair eólas na slighe do dhéanamh. Cad mheabhruigheann tú annsan go bhfuilir ag gliúcaidheacht ann?: cad chídhir? Ní uair ná dhá uair do meabhruigheadh do mara n-athróchadh sé a gheátaidhe 'sa gheámaidhe go

gcaithfeadh fágaint: a cuireadh in iúil do é. Riamh níor mheabhruigheas cad é an neart a bhí san bhfear gcéadna go dtí go rug sé isteach orm is gur bhain sé crothadh asam: níor smaoinigheas. Meabhruigh dot athair anois gach aon rud atá lé déanamh aige, mar tá curtha ar do shúilibh agam: foillsigh: mínigh do. An-luath 'n-a shaoghal do mheabhruigh sé go raibh rud éigin bun os cionn toisc an leathtruim do déintí air: chuaidh sé luighte ar an aigne aige. Féach! éist, is meabhruigh ar a bhfuil dhá rádh agam-sa: machtnuigh air, tabhair fé ndeara é agus meádhaidh é. Nuair nár bh'fhéidir leis an cuan d'fhágaint lé n-a luing mheabhruigh sé a dóghadh: bheartuigh. Cad mheabhruighir as na háthraighe aoir go léir do bheith ag gabháil os ár gcionn annso chómh minic?: cad é an tátall do bhainir as? Do mheabhruigh sé i bhfad 'si bhfad ar bhruach na habhann sara dtug iarracht ar dhul treasna: mhachtnuigh: d'fhéach chuige is uaidh. Meabhruigheadh gach n-aon é féin is ná bacadh do chách: tugadh sé fé ndeara a pheacaidhe féin. Mheabhruigh sé annsúd é chómh soiléir is go dtuigfeadh éinne é: leag sé amach: mhínigh é.

meacan: *f.1.* plannda go mbíonn a phréamhacha i dtalamh. Ní bhíonn práta ná meacan curtha aige .i. curadóireacht ar bith ní dheineann. Nuair bhíonn thiar ar dhuine – buaidhte air – deirtear, "téigheadh sé ag priocadh mheacan anois" .i. ag stracadh phréach is bheith ag brath ortha mar bhiadh.

meacanóir: *f.3.* duine a dhíolas glasraidhe is planndaidhe préachacha.

meacanta: *a. n-dh.* "gearbach", goirgeach. Faid agus bheidh an ghnaoi mheacanta air ní tairbhe dul 'n-a ghoire, mar ná labharfadh sé focal, tá an oiread san neamh-shuaircis air: aiste mheanman is furaiste a chrádh. Féachaint air ní leoimhte d'éinne gan é dhul id mhullach, tá sé chómh meacanta san: goirgeach: lasánta: ciopanta. Ní cuideachta shuairc éinne a bhíos meacanta: lasánta .i. duine ná féadfá d'ionnramháil lé n-a aisteacht.

meadh: *b.3.* tómhas, scála(idhe); caghdán, cómh; do thástáil cad é tromas ruda lé hinneall nó gléas, gléas meádhachana. Cad é a mheadh? .i. an tromaidheacht atá ann. Is maith cruinn é an buachaill chun é do thómhas, tá sé i meidh an óir aige: ar chomhthrom cheart .i. níor bh'fhéidir a bheith níos fírinnighe. Ní fios d'éinne beó connus raghaidh an scéal fós, tá sé idir (i) dhá cheann na meadha: gan socrughadh: in amhras. Cuireadh an iomad ualaigh, is oth gach uair leat cathain raghadh sí ar tóin puill, bhí sí i dhá gceann na meadha: is beag an rud, corruighe nó eile, do gheóbhadh nuair síos léi. Tugadh a thoil féin do a rogha rud do dhéanamh, níor chuireadh aon mheadh leis: caghdán: teóra. An oiread san stolladh im ghoile gur shaoileas go rabhas i meidh an bháis .i. é féin is me féin ghá fhéachaint go dian lé chéile. Dhá thona is meadh dho: tromas, truimidheacht. Cuir an t-ualach ar an meadh, féachaint an bhfuil tona ann: an gléas chun a mheadhachan d'fhionnadh. Fan siar uaidh, tá sé meidh ar mheidh .i. bain leis is sin é imthighthe é. "Tómhaiseadh sé me i meadh comhthrom, is go n-aithnighidh Dia mo chóir" (Iób XXXI. 6): cuirtear mo cortha is mo mhaitheasaidhe i gcoinnibh a chéile. "Cé thómhais na huiscidhe i gclár a dheárnaine, agus do dhírigh amach neamh lé réis, do chruinnigh luaithreadh na talmhan i miosúr agus do chomhthromuigh na sléibhte i gcomhthrom agus na cnuic i meadh?" (Iosaih XL. 12). Fút-sa féin atá, is id láimh atá an mheadh: an gléas tómhaiste. Meadh aimsire, gaoithe etc. .i. gléas chun treóir na haimsire is neart na gaoithe d'fhionnadh. "Do tómhaiseadh tu sa mheadh is do fríth easbhaidheach thu" (Dan. V. 27).

meádhachain(t): *b.3.* tómhas i scála(idhibh), machtnamh; peaghas, truimeacht, machtnamh. Cad í do mheádhachtaint? an bhfuilir trí clocha déag? Tá meádhachtaint na mbliadhan ró-mhaith dhom, tá cromadh is liathadh ionam anois: truime: méid: ualach. Sé bhí dhá mheádhachtaint ag mathshluagh airéir gur cogadh buan do dhéanfadh sé seo dréir gach deallraimh: machtnamh dhá chur trí chéile go ceartéiseach. Ag meádhachtaint im aigne go mbeifeá orm gan aon mhoill: dhá shuathadh: dhá cheapadh. "Cad bhís a mheádhachtaint do?" – "ceithre clocha" .i. dréir mo thuairme gur b'é sin an peaghas a bhí ann. "Táir ag meádhachtaint an iomad don dtigh; ní fiú chúig céad púnt é" .i. ghá mheas ró-árd. Bhíodar ghá mheádhachtaint as an méid a dubhrais ná raibh puinn de speilp an tsaoghail ort: ghá cheapadh.

meádhadh: *f.* (*meáidhte*) peaghas nó truime do thómhas, machtnamh; ceapadh; tuairm; breitheamhnas. Bí ghá mheádhadh go maith anois idir seo is sin, is pé cómhairle go dtagair air dein í: ag machtnamh air is ghá chur trí chéile. Sé an meádhadh a bhí agam-sa i dtaobh na háite go raibh gach éinne fuar, bocht, dealbh ann: an ceapadh: an baramhal. Tá an breitheamh ag meádhadh it fhabhar-sa .i. ag tabhairt a bhreithe. An meádhadh céadna atá ges gach éinne 'n-a thaobh, gur togha fir é: tuairm. Ag meádhadh an té ó tá sé chómh gann is tá ná bíodh peaca an tómhais ort: ag fagháil a thruime nó a pheaghais.

méadaidheacht: *b.3.* toirt, méid, móraidheacht, uaill, tóstalacht, cóimh-mheas. Táir ag dul i méadaidheacht idir chorp is aigne: toirt ag teacht ionat is meas mór ag éirghe fút. Ní mór ná go n-íosfaidís as béal a chéile is iongtach an mhéadaidheacht í: an "reimhre": an leagadh thar barr atá aca lé chéile. Ar shráid an bhaile mhóir ní bheannóchadh san duit lé méadaidheacht: tóirtéis is tábhacht as fein. Geallaim duit ná fuil aon mhéadaidheacht indiugh ann dá aoirde éirighthe é ach oiread leis an gcéad lá d'fhág sé an baile .i. ní fhoillsigheann sé mórdháil .i. chómh híseal 'n-a mheón lé cách do. Cad chuige an mhéadaidheacht is dóigh?: ag dul ar aon rian leis an gcuid is saidhbhre aca: borrachas: mustar is éirghe anáirde. D'ainmhidhthibh gan méadaidheacht is mór an luach do shroicheadar: gan toirt.

meádhaim: *b.a. 7 n-a.* tómhaisim, comhthromuighim, machtnuighim, measaim, cinnim; tagaim ar aigne, cialluighim. An méid adubhradh leat; ní mheádhann sé brobh, scaoil thart é: cialluigheann: níl an méid sin tábhachta ann. Cad mheádhann tu (a) dhéanamh anois?: cad tá ar maoith agat?: ar t'aigne do chur chun críche. Má mheádhann tú gur amadán é tá breall ort: má buailtear it aigne. An gearradh beag atá id cheann ní mheádhann sé puinn: beidh sé cneasuighthe go luath .i. ní mór gur fiú trácht air. Mheádhas gur tú a bhí ag glaodhach orm, sin é fáth go dtána: cheapas: shaoileas. Meádhann cuid bheag mórán do dhuine bhocht: is ionann do agus. Cad mheáidh sé lé n-a rádh nách fada do bheadh síothcháin againn?: cad a bhí ar a aigne? Cé a mheádhas sé a bheadh ag éisteacht lé n-a chuid píopaireachta (a bheadh ag tóin-leasughadh leis, a fhoidhneóchadh leis etc.): cé hé is dóigh leis a bheadh ag éisteacht leis? Meádhaim dul abhaile anois gan a thuilleadh moille: tá sé réidh im aigne agam. Dá meádhadh sé a dhá oiread agus ná déineann bíodh sé agat agus fáilte mhór: dá mb'fhiú a dhá oiread é. Meáidh ar do bhais é sin nách éadtrom é: tómhais a pheaghas, a thruimeacht. Cad mheádhann an oidhche anocht (do dhéanamh)?: connus caithfidh sí? Mheádhaidh na

barránaigh go maith thu nuair tháinighis isteach: thógadar do thuise: scrúduigheadar thu d'fhéachaint cad é an saghas thu. Meádhadh go n-éisteóchadh an tigh dhá mhíle púnt: measadh. An meádhfá i neart é, an dóigh leat?: an mbeifeá id chomórtas do? Meádhfad-sa neart leat: tástálfad.

méadamhail: *a.* toirteamhail; trom-mhór, borramhail; a thréith ann dul i méid nó i dtoirt. Ní héan méadamhail an chuach, ní mór ná gur b'í an toirt chéadna a bhíos innte ó bhíonn sí 'n-a gearrcach: borramhail. Is méadamhla iasc an lae indiugh ná iasc an lae indé: is mó. Sin biadh méadamhail an té a gheóbhadh as a óige é: a bhorrfadh duine chun fáis is nirt.

méadamhlacht: *b.3.* mór-thoirt, toirteamhlacht, taidhbhse, mór-théagar. Aon mhéadamhlacht puinn, ní dheaghaidh riamh air, d'fhan sé 'n-a mheathlóir: toirt: ní tháinig aon fhás mór fé. Ag dul i méadamhlacht a bhí na tonnaidheacha go raibh oiread cnuic sa deireadh ionta: ag éirghe 'sag borradh. Luach beag a bhí ar an iasc lé n-a mhéadamhlacht ar an margadh: iomadamhlacht. An mhéadamhlacht go léir a bhíos i míol mór .i. an taidhbhse is an toirt tar teórainn.

meadar: *b.2.* (*-eidre*) árus cruinn adhmaid, chun ime do dhéanamh ann. Tá an scéal 'n-a chac meidre agat, nách éachtach ná féadair leigeant d'aonnidh: laitighthe: curtha gan mhaith ar nós na cuiginne, a raghadh i gcoinnibh dhuine. Ná cuir do ladhar i meidir gan iarraidh: an rud ná baineann leat ná bain leis. Níl aon déanamh air anois ach déanamh na meidre: mór, toirteamhail, cruinn gan córaidheacht. Lán meidre de leann dubh d'ólfadh san gan a rian do bheith air .i. mórchuid Éireann. Tá meadar déanta agam díom féin lé leamhnacht: tá masmas curtha agam orm féin: táim lán go poll an phaidirín leis. Meadar loinithe .i. ceann go mbíonn bata ag déanamh na cuiginne.

meadhar: (**meidhir**) *b.2.* sult, aoibhneas, girréis, áthas. Níl aon mheadhar indiugh orm, ní bhrathaim ar fóghnamh: níl gnaoi orm: táim gan girréis. Cuireann tú meadhar ar mo chroidhe istigh do bheith ag éisteacht léd scéaltaibh binne: giodam: corruighe aoibhnis. Ól is rinnce, amhráin is gáiridhe mara raibh meadhar againn ní lá fós é: aoibhneas croidhe: sult: girréis. Cuireann sé meadhar air gur luigh sí a súil air: binneas.

meadhbhán: *f.1.* suathadh ar an gceann go mbeadh duine i reachtaibh tuitim leis, mearbhall, bullabúbáisín, meidhreán; leóithne caoin gaoithe. Óm cheann do bheith fúm tá meadhbhán ann: mothúilt ghuairneánach ann. Chaitheas an iomad den bpíp, tá meadhbhán orm aice go dtuitim nách mor: mearbhall .i. dar liom go bhfuil an saoghal mór ag casadh im thímcheall. B'fholláin duit ná thainig aon mheadhbhán id cheann is tu sa bhfaill dhiamhair .i. ná tháinig mearbhall ar léargas t'incheann. Cuirfead meadhbhán ort .i. buailfead thu is ní bheidh fios do bheart agat. Árduigh do sheól, tá meadhbhán deas gaoithe ann: leóithne gleóidhte. Brothalach, múchta, meirbh gan preab in éinne cheal meadhbháinín éigin: boladh beag éigin gaoithe go bhféadfadh duine a anál do tharrac.

meadhg: *f.1.* lionn glan, uisceamhail a bhíos i ndiaidh bainne nuair bhíonn an gruth scartha lé n-a chur ag fliuchaidh nó binid do chur ann. Meadhg dhá (á) bhainne .i. meadhg as leamhnacht is bainne géar beirbhthe do dhaoinibh an-bhreoidhte. Lé duine go mbíonn deifir mhór air deirtear "nár bheiridh an gruth ar an meadhg agat" .i. an meadhg a

hóltar ar dtúis. Bainfeam meadhg as ár namhaid fós: tabharfam búrdáil is leadhbadh dhi. Níl iomchar an mheidhg indiugh ann .i. an-lag, an-bhreóidhte. Cad é an mhaith dhuit é sin d'ól atá ar nós an mheidhg: lag, tanaidhe, uiscealach. Deoch mheidhg ní thabharfadh sí dhuit lé cruinneas .i. an-sprionnlaithe. Dath an mheidhg air: droch-dhath.

meadhgamhail: *a.* ar nós an mheidhg, lag, uisceamhail, báidhteach. Ar an rith meadhgamhail atá ag teacht as an soitheach fé ní mór an suiméar ann: uisceamhail, tanaidhe. Ná báidh a thuilleadh é tá sé meadhgamhail a dhóthain cheana agat: lag, tanaidhe: neamh-scabhárdamhail.

méadmhaire: *b.4.* toirteamhlacht, taithigeacht, taidhbhse. Tá borradh an éin ghé fé, é ag dul i méadmhaire gach aon lá: toirt ag teacht ann. Ní oirfeadh an capall dom in ao'chor lé n-a mhéadmhaire, feirm bheag atá agam: mar gheall ar é do bheith mós mór. Earcairidhe ag luighe leis an arm gach lá go bhfuil sé ag dul i méadmhaire: breis is breis ag teacht air. Scannruigh méadmhaire an mhíl mhóir iad: taidhbhse: tuigeadh dóibh nár bh'fhéidir lé n-a lithéid do bheith ar marthain. Méadmhaire a bhuilg: méid mhór.

méadmhar: *a.* toirteamhail, taithigeach. Is méadmhaire gach bliadhain thú, bail ort: ag dul i méid: ag borradh go mór duit. Níor ainmhidhe méadmhar é chun airgid mhóir do shroichstint: toirteamhail: beathuighthe.

meadhón: (**meádhon**) *f.1.* lár; croidhe; ceart-lár; lár slighe idir dhá theórainn nó dhá imeall, cuimse, cuibheas, srian, leath bealaigh. Bíodh meadhón leis gach aonnidh agaibh anois, ní haon mhaith scéal do lot lé dul ró-dhian: cuibheas, measardhacht. Cuir meadhón léd chuid cainnte is ná bí chómh borb san: cuimse: cuibheas, srian. Nuair chuireann roimis ag ól ní fhanann aon mheadhón leis .i. téigheann sé thar cailc ar fad. An teas thar (as) meadhón go mbeifeá ag leaghadh ded bhraonachaibh aige a ghoill orm: iomarcach. É do thuiteam amach air i meadhón an lae ghléigil ghil b'é dob aite ar domhan liom: i gcorp-lár an lae. Cuir an crios san thar do mheadhón aniar: thar do chom. Buaileadh lé speach im mheadhón me is deineadh lúbán díom: im lár: scairt, etc. Cuir do mhéar mheadhón anairde: an mhéar láir. An tochta meadhón: leath slighe idir tosach is deireadh an bháid. An Bhinn (bheann) Mheadhón .i. atá idir Binn Diarmada is Binn Seandraoi. Léim sé anuas im mheadhón: i lár mo bhuilg. Cúirt an mheadhón oidhche .i. siar amach san oidhche. Is mithid dúinn luighe, tá sé meadhón oidhche an turcaidhe .i. i bhfad isteach tréis lár na hoidhche. I meadhón na farraige siar tá áthraighe go flúirseach dhá chur ar thóin puill: siar go hárd fén mbóchna. I meadhón a shaoghail do níor mhór budh mhaith: i mbláth. I meadhón na tíre síos atá an talamh maith: 'n-a crioslach. Cuireadh an gort ó mheadhón go himeall .i. gach aon phioc de.

meadhón-: (**meádhon-**) *i gcfhbh.* lár, croidhe. Im mheadhón-aois anois dom níl puinn fonn orm taisteal .i. leath mo shaoghal do bheith caithte. Níl seisean chómh meadhón-aosta is tá deallramh air: tuitighthe isteach go maith san aos.

meadhónach: (**meádhonach**) *a.* láir, croidhe, idir eatartha, cuibheasach, cuimseach, measardha. Ní gádh dhuit an tsuthaidheacht ar fad chun é go léir d'árdach leat, bí meadhónach: réasúnta: ná tóg ach do chion nó do cheart. An aoirde mheadhónach chúig

troighthe hocht n-órdla: a n-aoirde go léir do chaitheamh ar chéile is a roinnt fé uimhir a mbíonn ann. Tá aoirde mheadhónach aige: cuibheasach árd. Níl aon locht agam ortha, fuaireas cabhair mheadhónach uatha is gan aon ghoth agam ortha: cuibheasach maith. Cuir teine mheadhónach fén gcorcán seadh is fearr a bheirbheóchaidh sé: measardha. Níl sé ach go meadhónach lé fada: cuibheasach 'n-a shláinte. Is aoibhinn bheith ag seóltóireacht leis an leóithne meadhónach san: ná fuil ró-láidir ná ró-lag. Líon amach meadhónach leanna duibhe chugham: lán áruis idir leath-phiunt is piúnt. Bhíomair ó mheadhónach go meadhónach go rabhamair ar bogmheisce: ag ól na gciotaidhe seo.

meadhónaidheacht: (**meádhonaidheacht**) *b.3.* measardhacht, cuibheas, cuimse. Ní chaitheann sé meadhónaidheacht lé haon rud, sáthann sé chuige mar bheadh ampla an bháis air: seachaint iomad guilme chun ruda: measardhacht. Níor ith sé ach meadhónaidheacht, chun a chirt féin do thabhairt do: ádhbhar cuibheasach .i. ní dheárna sé airceachán le biadh dhe féin. Ná bac an té ná bíonn meadhónaidheacht leis nuair labhrann sé: ná tagann míneacht is miochaireacht uaidh. Caithfear meadhónaidheacht do dhéanamh ar an dté anois ó tá sé chómh gann: áis aireach do dhéanamh de. Fear go bhfuil meadhónaidheacht ag baint leis é sin, ní bheadh dúil mhór aige rud do bheith aige féin is duine eile do bheith dhá cheal: teóra agus cuimse lé n-a mhian. Má bhí fearg féin air bhí meadhónaidheacht ag baint leis, mar bhí cúis cheart aige .i. níor chuir sé in iúil í oiread agus budh dhóigh leat a dhéanfadh. Lé meadhónaidheacht na mná agus í n-a dtigh féin níor leig sí uirthe leis an suainseánaidhe go raibh aon olc uirthe: an tréith smachta san dar léi budh chuibhe dhi 'n-a dtigh féin.

meadhónamhail: (**meádhonamhail**) *a.* measardha, meastamhail, galánta, éascaidh chun bheith deaghbheartach nó fearamhail. Budh mheadhónamhla dhuit go mór do bheith it thost 'ná bheith ag tabhairt tor ar theallaire: budh chuibhe: is galánta thaidhbhseóchadh sé. Buachaill árd-mheadhónamhail ar fad é sin, riamh fuaireas 'n-a fhear é, cainnteach, leanamhnach: meastamhail air féin. Mar a chéile dhuit labhairt meadhónamhail nó goirgeach liom ní haon rud a bheidh dem bharra agat: lághach, béasamhail. Bí meadhónamhail anois i gcuideachtain, ná labhair borb: banamhail, béasamhail. Daoine an-mheadhónamhail indiugh iad, gléasta ó mhullach talamh: cuma ghalánta ortha.

meadhónamhlacht: (**meádhonamhlacht**) *b.3.* measardhacht, meastamhlacht, galántacht. Ar gach cuma go n-iarrfá é tá meadhónamhlacht ag baint leis: cuibheas: taithneamhacht meóin is béas. An mheadhónamhlacht thar barr atá ag baint léi: gleóidhteacht: béasamhlacht: éascaidheacht chun comaoine nó maitheas do dhéanamh. An té a ólas lé meadhónamhlacht ní bhíonn sé ar meisce: measardhacht: gan dul thar ceart. Meadhónamhlacht a ráidhte budh dheacair d'éinne locht d'fhagháil ortha: an tslighe do choimeád sé a theanga fé smacht.

meadhrach: *a.* girréiseach, sultmhar, subháilceach, áthasach, súgach, gáirdeach. Chómh meadhrach lé gabhar i dteampall: lán de spirid: teasbhamhail. Na trí rudaidhe is meadhraighe amuigh, piscín cait, mionán gabhair is baintreabhach óg mhná: súgach: áthasach 'n-a gcroidhe: subháilceach. Nuair bhíonn braon fén bhfiacail aige bíonn solas meadhrach 'n-a shúil: cuma bheó uirthe. Bíodh do chroidhe meadhrach do shíor, ná leig dolbhach ort. Is aige atá an saoghal meadhrach, gan ag déanamh buadhartha dho ach

connus aoibhneas do bhaint as .i. tá tógaint chroidhe is áthas innte. Bhíomair ag cur dinn go meadhrach gan rud sa tsaoghal ag déanamh bráige: subháilceach, neamh-mhairgeamhail. “Bhí an bhó chumhra ag géimnigh is na héanlaith go meadhrach lé ceól”: iad ag cantain ó n-a gcroidhe amach.

meadráil: *b.3.* meascadh, cur trí chéile, do chaitheamh rudaidhe trí chéile. Is tú mac na meadrála ag caitheamh phrátaidhe is ghabáiste is gach aon trufaise i bhfochair a chéile: meascachán. Cad n-a thaobh an mheadráil ar an dté?: ná meascfá go socair é: cur trí chéile go fuadrach.

meadhráiste: *b.4.* sughachas, ranngcás, scléip, greann. Ag déanamh ar an maidin do bhí an mheadhráiste in aoirde láin – iad ag rinnce ’sag damhas go fiadhain, ag béicigh is ag gáiridhe: ranngcás, scléip, teasbhach. Is rí-bheag ar bhain sé de mheadhráiste as a shaoghal, iomard nó callóid éigin in aghaidh an lae air .i. subháilceas. Pé taobh a bhuaidhfidh an cogadh so beidh meadhráiste sa tír sin: subháilceas glórach is fleadhchas gan teóra.

meadhrán: *f.1.* mearbhall, glór is fuaim sa cheann, dul trí chéile, achrann smaointe; girréis, mire. Cuireann sé meadhrán im cheann bheith ag éisteacht leis an gcainnt gan bhunadhas atá aige: mearbhall: motháilt ghuairneáin. Chuirfeadh sé meadhrán ort féachaint síos ó scéimh na faille tá sí chómh diamhair árd san: casadh tímcheall .i. bheifeá go neamh-dhaingean ar do chosaibh: grogaidheacht sa cheann. Ní ghá chasadh leis é, níl an ceann go maith air, is lán-fhuraiste meadhrán do chur air: é do chur i bponnc. Gach aon léim as a chorp aige, cad chuir an meadhrán air?: mire aigne. Meadhrán im cheann ag iomad toitínidhe. Ní hé an oiread a bhí ólta agam go mbeadh meadhrán orm: meisce.

meadhránach: *a.* mearbhallach, grogach, girréiseach, sughach. Cuideachta cheart ghrinn seadh é nuair bhíonn sé meadhránach gan an iomad do bheith fén bhfiacail aige: girréiseach, sughach lé digh. Tá scéimh na faille ró-mheadhránach dom cheann .i. cuireann guairneán ann seasamh uirthe. Ceisteanna ró-mheadhránacha dhom iad, mar ná raibh an oiread foghlumtha agam is gur bh’fhéidir liom a bhfreagairt: suaidhteach: achrannach. Is meadhránach an dream ar bhainis nó ar chóisir iad, smúit san aer aca, gan mairg sa tsaoghal ortha: girréiseach, súgach, subháilceach.

meadhtóir: *f.3.* duine a mheádhas nó a thómhaiseas dréir peaghais nó truime.

méadughadh: *f.* (*-uighthe*) do dhul i méid, i dtoirt, do mhórughadh, do bhorradh, do chur le, d’fhoirlíonadh, árdughadh, do dhéanamh iomadamhail. Níl aon mhéadughadh ag dul ort leis an aois: breis mhéid. Ag méadughadh atá an gcogadh, tá sé i dhá dtír eile anois: ag scaipeadh. Méadughadh ar a ghlóire anocht budh dhiail an misneach do bhí aige: árdughadh ins na flaithis go bhfaghaidh sé. Dá fheabhas do bhíos d’iarraidh bheith tláith leis ag méadughadh orm do bhí sé, é i reachtaibh dul im mhuineál gach nóimint: ag fáscadh orm: ag dul i ndéine. Ag canntáil na n-earraidhe ar a chéile is ag méadughadh an luacha: ghá ndéanamh níos daoire. Méadughadh ar do stór, a dhuine ghalánta: breis go raibh ag teacht air. Gan Dia ghá mhéadughadh adubhairt má bhí lámh ná ladhar aige san airgead: gan é do chur a ratha air. Ghom mhéadughadh go cannaibh na gréine le súil rud

do bheith dhá bharr aige: ghom mhórughadh is ghom mholadh. Ar an lasadh atá 'n-a ghruadh is furaist aithint méadughadh breóidhteachta air: árdughadh. Chuaidh méadughadh na gcoinínidhe ortha san áit, ar dtúis ní raibh ann ach aon líon tighe amháin, tá na sluaighthe ann anois: líonmhaire: iomadamhlacht. Deoch gan spionnadh í, aon mhéadughadh meanman ní chuireann orm: éirghe ar mo spirid ná ar m'inchinn. "I mbeannughadh go mbeannóchad thu, agus i méadughadh go méadóchaidh me do shíol amhail néalta neimhe agus mar an ghainimh ar thráigh na farraige, agus sealbhóchaidh do shíol geataidhe a namhad" (Gen. XXII. 17) .i. ag dul i mbreis, líonmhaireacht.

méaduighim: *b.a. 7 n-a.* breisighim, móruighim, eascraim, fásaim, borraim, saidhbhrighim, uaislighim. Duine seadh é ná méadóchainn m'aithne air .i. nár mhian liom tuilleadh dhá choidreamh do chur. Téighir abhaile is méaduigh! (táir): fás: táir ró-bheag lé bheith annso. Go méaduighidh Dia thu, is me atá fé chomaoin agat (guidhe): saidhbhrighidh. Id phóca ní mhéadóchaidh do chuid airgid: ní thiocfaidh breis air. Ná méaduigh mac mogha .i. ná móruigh é: ná tabhair ceannas do mar is cosamhla 'ná a mhalairt ná hiomcharóchadh é féin. Iomad den aithne a mhéaduigheas an tarcuisne: an rud nó an té go mbíonn baint go minic leis ní fhanann aon mheas againn air. Is amhlaidh a mhéaduigh air is mhéaduigh air in ionad é do lagughadh: i bhfíochmhaire is i ndéine. Ar an gcéad chor bhí iasc againn, dá mbeimís ag iascach ó shoin ní mhéadóchaimís ár ladhar: ní chuirfimís breis léi. Méaduigheann sé a ucht lé háthas nuair bhíonn aon ghirréis air: borrann: árduigheann uaidh amach é go tóirtéiseach. "Agus tu fá deara do sciam d'fhuathughadh agus d'oscail tu do chosa do gach n-aon dar ghaibh thart, agus do mhéaduigh tu do striapachas" (Eséic. XVI. 25): rinnis breis is breis de. Sé a mhéaduigh ar a ghearántaibh ar fad gan truagh do bheith ag neach do: a ghéaruigh iad: a dhein níos déine. Cé hé an fear maith a mhéadóchas an síntiús so .i. a chuirfidh ádhbhar leis? Go méaduighidh Dia is Muire, a mháthair, thú (guidhe): go gcuirid an rath is breis ar gach rud atá id sheilbh.

méaduighthe: *a.r.* curtha leis, breisighthe, borrtha, móruighthe, fásta, uaislighthe. Tamall dá shaoghal oiread is cianóg ní raibh aige, is éachtach mar tá sé méaduighthe sa tsaoghal: móruighthe: éirighthe. Ní fuláir nó tá an chos san tinn dearóil ar an gcuma atá sí méaduighthe ó airéir: atuighthe, borrtha. Níl sé méaduighthe a dhóthain fós i gcóir an aonaigh: fásta: beathuighthe. Deineadh raidire dhe cé go mbíodh sé seal ag díol pháipéar, is mór mar tá sé méaduighthe ar son a ndeárna sé: glóruighthe, uaislighthe. Tá an ghaoth méaduighthe ó mhaidean .i. dulta i dtreise.

meáidhte: *a.r.* ceapuighthe, machtnuighthe, tómhaiste, cinnte. "An raghair ann?" – "bhíos meáidhte air" .i. é ceapuighthe agam. Tá sé suidhte, meáidhte 'n-a cheann ná fuil a chómh eile d'fhear in Éirinn: ceangailte, machtnuighthe. Nuair bhíonn sé meáidhte ar rud is deacair é do chur i ndiaidh a chúil: a aigne socair aige ar é do dhéanamh nó tabhairt fé. Níl mo chúrsa-sa meáidhte fós aca, ní raibh aon tsuidheachán aca air: criathartha: curtha trí chéile. Cogadh na bpiléar ní stadfadh anois me, ó táim meáidhte air: m'aigne lán-thoilteanach leis. Cé dho go bhfuil an t-airgead so meáidhte?: ceapuighthe. Nuair bheidh gach aon rud meáidhte againn is ná beidh aon mhearbhall i dtaobh aonnidh orainn gluaisfeam: curtha trí chéile is beart gnímh socruighthe againn.

meaig: *f. n-dh.* snag breac. Gliog gleag agat mar bheadh ag meaig ar sceich ag déanamh: ag déanamh brealláin díot féin.

méala: *f.4.* aithis, náire, creach, truagh, pudhair. Méala mhór seadh an Ghréig sa tSlaibh indiugh, iad réabtha scriosta ag arm na Gearmáine: truagh: dochar dóibh féin. Méala mór seadh bás máthar leanbh óg: scrios nách féidir teacht uaidh. Ní haon mhéala an lá do bheith dhá chur ar sean-Shasana: truagh ná dochar lé neach. Mo mhéala a bhfuil air (searbhas) .i. ní ghoilleann orm. Beir ag tuilleamh do mhéala in ifreann .i. sin é do stáitse i dtaobh do chortha: dochar: náire. Méala mhór d'Éirinn bás Pheáirneil: pudhair: dochar doileasuighthe. Is mór an méala atá agaibh dhá dhéanamh de, dá mbudh duine bocht é ní bheadh focal 'n-a thaobh: gleódh: tábhacht. Ná déinimís a thuilleadh méala dhe .i. caithimís uainn é, tá go leór ráidhte againn air.

méalach: *a.* brónach, truaighmhéileach, géibhinneach. Báiseanna méalacha na mbochtán sa chogadh so gan aon chúis fé bhun Dé chúcha: brónach: an chailleamhaint gan ghádhtar. Is méalach léi gach naoidhe truagha .i. cuireann duairceas ar a croidhe.

mealbhóg: *b.2.* tiachóg, cuaróg, mála, sac; duine trom, aindeis, liobarnach. "Tá mealbhóg mhine agam ar thaobh an fhalla is an uile dhailtín a thagas isteach ní fuláir leis an lámh do chur innte" .i. mála leathan íseal. Mealbhóg an airgid: an cúnntas a cuirtear os chionn riaghaltais chun airgid do thobhach a's do bhailiughadh i gcóir costais na bliadhna. Thuit sé chun builg is tóna go bhfuil 'n-a mhealbhóig: labhtaigh: cnapán mór aindeis. Mo chos in aon mhealbhóig amháin ná féadfainn a bualadh fúm: atuighthe: borrtha.

meall: *f.1.* cnapán, liathróid, púirín, clais, dlúimh, cnocán, cnoicín, sprochaid chruinn, stuaic, dual. An mheall bheag ime atá ar mír-riar i Sasana anois, ní mór gur fiú í d'áireamh: caithnín: blúire beag cruinn. Mo thigh suidhte ar mheall os chionn na farraige: árdán: cnocán: éirghe talmhan. Rug sé ar mheall brághad orm gan aon choinne agam leis is chuir mo theanga ar an dtaobh amuigh dem bhéal: ubhall na scórnaighe. Nách reamhar iad meallta a chos, tá cuma an nirt air: colpaidhe eascartha. Sé a raibh de chómhartha ag seanduine an chnuic meall bheag olna ar an slineán: dual: stuaic: triopall: scoth. Na sméara ag fás 'n-a meallaibh sa bhfóghmhar: crobhaing. Is dubhach mo chroidhe anocht nuair thugaim chun mo chuimhnte an mheall fhaille go suidhinn féin is Máire ag meabhraidheacht siar siar!: geannc thalmhan níos aoirde 'ná a chómharsanacht. Adhmad maith gan meall, gan lag: réidh ó cheann ceann.

mealladh: *f.* (*-lta*) cur amugha, fealladh, bladar, bréagadh. Ó, a thiarcais, tá mealladh n-a súil .i. aon tsileadh amháin ó n-a súil is bhí fear n-a líon aice. Do dhaoinibh óga tá mealladh i rinnce: sughadh: thairngeóchadh sé cuid mhaith chuige. É chómh lághach caoin liom gur dhóigh leat ná raibh mealladh an uain ón gcaoire ann: an t-uan do bhaint de dheól: ná déanfadh sé a luighead a chuirfeadh buaidhreamh ar dhuine: é an-shaonta. Mealladh an tsean-leinbh agat bheith d'iarraidh malairt áite do dhéanamh leis .i. gan aon dul agat air: tá sé ró-aosta, ró-thaithightheach. Bíonn mealladh na mílte ban in éadaighibh breághtha: sughadh: bréagadh chun a suimighthe is a gceannach. Ar mo dhícheall d'iarraidh é do mhealladh abhaile liom: iarracht mhuinnteardha, lághach. Ag mealladh mo chuid airgid uaim atáir nuair loirgir ar iasacht é mar ná beadh aon fhagháil agam air:

bheith d'iarraidh greama d'fhagháil air lé cluain. Ag mealladh ban atá sé riamh: ag cur ceana aca air is dá dtréigean annsan. Tá mealladh ann .i. is beag ná géillfeadh do, ná claoidhfeadh leis, ná go gcuirfeadh geasa air. Bímís ag mealladh an bhóthair: ag gluaiseacht ar ár suaimhneas. Is furaiste thu do mhealladh má thugais púnt ar an leadhb hata san: bob do bhualadh ort. Ní iarrfaidh súd aon mhealladh: tafant phlámásach: is air ná fuil an mío-fhonn. Mealladh éigin aige go bhfuil cion ges gach éinne air. Mealladh éigin agat do ná fágann sé an chos choidhche agat: sughadh: an chómhacht ar dhuine ag rud a thugas aoibhneas, nó suim dúinn ann. Creid me leis, gur iarr sé ort teacht, ní ghod mhealladh táim: ghod chur amugha. Maidir lé bog-chainnt is plámás, tá mealladh a tharr ón seangán ann .i. bhuailfeadh sé bob nó cluain ar éinne chun an ruda a bheadh uaidh do shroichstint (an tarr: an meall beag bán a bhíos air).

meallaim: *b.a.* feallaim ar, bréagaim, cuirim amugha, sughaim, buailim bob air. Meallaim an aimsir ar an slighe seo ag léigheamh nuair ná bíonn faic eile lé déanamh agam: bréagaim: cuirim tharm. Mheallamair an turus fada linn ag seanchaidheacht 'sag sínsireacht .i. ar an gcuma-so níor thaidhbhsigh sé chómh fada. Mheallfá éinne leis an gcrot iongtach atá ort más fíor ná fuilir go maith: chuirfeá amugha: bheadh breall ort a cheapadh sláinte do bheith agat. Meallann an fharraige gach éinne .i. an uair budh dhóigh leat í do bheith neamh-chonntabharthach sin é uair is measa í. Mealladh thu i gceannach an éadaigh .i. baineadh díot oiread is nách fiú é. Meallann an t-ór a lán .i. déinid rud mar gheall air ná déanfaidís gan é. Meall chughat é, táim clipighthe aige, ceangailte as m'earball ó mhaidean: déin rud éigin nó abair rud éigin a thógfaidh aghaidh a chaoraidheachta dhíom. Dubhrais go diongmhálta go raibh an áirighthe sin ann agus ghéilleas duit, ach níl, cad fáth gur mheallais me?: gur chuiris amugha me lé cluain. Baoite maith anáirde anois agat, is iongadh liom mara meallann sé iasc: é do tharrach air lé n-a thaithneamhacht. Mheall do shúile thu más dóigh leat gur bean áluinn í sin: chuireadar 'n-a luighe ort rud ná raibh i gceist. "Óir tiocfaidh mórán im ainm-se, ghá rádh 'is mise Críost', agus meallfaid mórán" .i. creidfid gurb í an fhírinne í. Meallann an fear bréagach an fear sanntach: an té go mbíonn dúil aige rud do shroichstint is furaiste an t-éitheach do chur 'n-a luighe air. Meallfar chun do bháis thu mara dtugair aire: gluaisfir bealach tubaisteach má thugair cluas do chómhairle bhladartha.

meallaire: *f.4.* feallaire, bréagaire, duine a chuireas amugha nó thairngeas lé cleas. Leis an ndúil atá i ndigh aige níl aon mheallaire aige ach an tigh tábhairne: a thairngeas ann lé taithneamh do. Thána annso fé n-a brághaid lé n-a thafant, ach níl an meallaire ann: feallaire, duine a chuireas amugha lé n-a thoil. Nách muinnteardha liom ataoi, a mheallaire, is b'annamh leat-sa san, cad tá ar maoith agat?: cainnt bhinn, bhladardha chun a thairbhe. Meallaire iongtach leanbh seadh thu .i. táir thar barr chun iad do bhréagadh nó do chongbháil socair.

meallaireacht: *b.3.* bréagaireacht, bladaireacht lé haghaidh tairbhe; cluainireacht, mílis-bhriathracht. Bead ag meallaireacht liom anois, tá an lá fada agam: ag cur díom go réidh. Níl aon fhear meallaireachta ar chailínidhibh annso ach tu: ag súgradh leo: go bladardha, muinnteardha chun iad do bheith báidheamhail leat. Aon dul níl agat ar iasacht an leabhair seo d'fhagháil, ní haon mhaith do chuid meallaireachta: bladar is muinnteardhas. Fuair sé lé meallaireacht é ar an airgead san, dar ndóigh ní hé sin leath a luacha: calaois.

Thugas fé ndeara ag meallaireacht ar an airgead é agus á árdach leis: ag druideam 'n-a threó go glic, aicillidhe. Ag meallaireacht ar an madra lé cnámh: d'iarraidh é do bhreith chugham lé dúil sa chnámh. Ag meallaireacht rud ó leanbhaidhibh gan chiall: ag déanamh chleas ghlioca ghasta.

meallta: *a.r.* curtha amugha, bob buailte ar; dallta, mearuighthe. Meallta ó thalamh sa chapall so: an iomad airgid dá fheabhas tugtha agam air. Súil láidir agam go mbeadh duine éigin rómham ann, nách me bhí go meallta nuair bhí an áit fuar, follamh: díombáidh is neamhchoinne curtha orm. A raibh agam meallta uaim 'n-a chuid is 'n-a chuid ge daoinibh a leig ortha go rabhadar ar mhaithe liom: éaluighthe go glic.

mealltach: *a.* fealltach, cluaineach, bréagach, cealgach. An fharraige mhealltach seachain tú féin go deó uirthe: nách féidir iontaoibh do chur aiste. Fear mealltach gur dhóigh leat ar a chainnt ná leighfeadh an t-ím 'n-a bhéal: 'n-a mheón is 'n-a labharthaibh tá sé chómh lághach, neamh-urchóideach is go gcuirfeadh sé an dubh 'n-a gheal ar dhuine. Sin é an baoite is mealltaighe dá chur chun éisc: is mó thairngeóchadh chuige é. Cuma chómh mealltach san ar an gcapall go gcuirfeá an phingin dhéidheannach air: deallramh buaidhte: ar gach aon tslighe é taithneamhach. Ní maith liom an tsúil mhealltach atá id cheann: a chuirfeadh draoidheacht ort.

mealltacht: *b.3.* fealltacht, cluanaireacht, bladaireacht, meang, cealgaireacht. Aon teóra níl lé mealltacht an duine sin, ní fhéadfá seasamh faid do mhéire air: cealgaireacht: an iontaoibh do chuirfeá as chamfadh sé uirthe. Mealltacht duit me do bhreith annso ar gheallamhaint an ruda dhom ná fuil aon fhonn ort do thabhairt uait: briseadh focail is cur amugha orm-sa. Cá hiongadh sluaighte do bheith ann is an mhealltacht atá i gceól 'si rinnce: draoidheacht chun a mbailighthe. Cuir uaim do chuid mealltachta, ní bhfaghair mise ar do thaobh chómh bog san: bladaireacht, cainnt phlámásach, mholtach. Is deacair do dhuine é féin do sheachaint ar mhealltacht na haimsire - tamall breágh aice, tamall olc aice: níl sí intseasaimh.

mealltóir: *f.3.* fealltóir, cluanaire, cealgaire, duine a chuireas a thuilleadh amugha. Mealltóir breágh, bladardha é, is mór de chuid na ndaoine do bhailigh chuige lé camasghail: duine a bhí i ndán an t-éitheach do chur 'n-a fhírinne. Mealltóiridhe ceart leanbh mílseán: níl aon rud a bhréagfad iad mar mílseáin. "Ní fhéachad mo bhábán siar ar éinne eile ach air, an mealltóir!": duine a thairngeas caoraidheacht dhuine nó dhaoine air lé bladhar, cleasaidheacht nó gliocas. Níor fhág an mealltóir faic gen gcailín bocht: chúbláil sé a cuid uaithe go mío-chóir ar shlighthibh nár tuigeadh dhi do bheith bun os cionn. Agus sin a bhfuairis uaidh ar do chuid den ngnóth? mealltóir seadh é: duine a imir bladar, plámas, gliocas nó tafant chliste ort nár bh'fhiú a thuilleadh é. Ná bí id mhealltóir liom-sa mar leigfinn leat é, an rud a leigir ort anois is maith is eól duit ná fuil i gceist is ná féadfadh do bheith: duine atá ag ceilt ruda éigin d'fhonn is malairte crota do thabhairt ar a chúrsa.

mealltóireacht: *b.3.* calaois, camasghail, fealltóireacht, bladaireacht. An tslighe a rinneadar an mhealltóireacht orm ná a shocrughadh a rádh as bhéal a chéile gurbh é siúd oiread is bhí lé fagháil agam: calaois: cleasaidheacht cham chun me do chur amugha. Ag

tabhairt earraidhe ar cáirde dom gan chuimse, nách mór ghá dtafant orm d'fhonn me mhúchadh i bhfiachaibh is annsan teacht ar mo chuid do shealbhughadh, budh lobhtha an mhealltóireacht í: lúbaireacht chun tairbhe do bheith dá barr. Má thugais púnt ar an bpeann san deineadh mealltóireacht ort, scilling ní fiú í, imreadh cleas mío-mhacánta ort. Mealltóireacht an domhain uile bhíos in eachtra ar bhóthar fhada: ciorrbhadh slighe is dearmhad tuirse. Dá mbeadh a bhfuil de mhealltóireacht ag an ndiabhal ar eólas agat níor bh'fhéidir é do bhréagadh amach as a phruais: clisteacht is gliocas a chuirfeadh ar dhuine rud do dhéanamh ná beadh aon éileamh aige lé n-a chur 'n-a luighe air nách chun a mhíleasa é.

meamram: *f.1.* pór, rolla, scríbhinn. An bhfuil t'ainm ar an meamram i gcóir oibre: ar chleith na n-ainmeach. A lá 'sa shaoghal do chaithfeadh sé ag léigheamh a mheamraim páipéir: páipéar nuadhachta toirteamhail is é leathta os a chómhair mar ná beadh aon chúram eile sa tsaoghal air. Fuaireas meamram leitreach ag lorg an chíosa orm a thóg os chionn talmhan me: leitir thoirteamhail go raibh cuma a gnótha uirthe.

meanaithe: *f.4.* úirlis bheag ghéar-bhiorach chun adhmaid, leathair is mar sin do pholladh. Ar nós an mheanaithe (comh caol lé meanaithe): lom: cruaidh: fuinneamhail. Ar nós an mheanaithe ameasc na gcuideachtan: do shíor ar barrghal sáidhte chun duine éigin. Ar an bhfuadar is an mháirseáil atá fé, tá meanaithidhe an diabhail (ag cur fé), ghá phriocadh, is táid sin géar go maith: droch-rud éigin ar maoith aige: rud éigin ná fuil ar fóghnamh ghá spriogadh. Raghadh sé isteach i bpoll meanaithe uaidh .i. scannruighthe roimis. Na meanaithe súl atá aige, chídhfidís tríd an bhfalla: súil ghéara, tolltacha. "Meanaithe reamhar is iall caol, leathar lobhtha is gréasaidhe caoch" .i. ní maith an tuar saothair bróg iad. Cá bhfuil mo spéaclaidhe? nó cár chuireas iad ná faghaim iad? ní fuláir nách isteach i bpoll meanaithe do chuadar!: nuair déintear dian-chuardach gan toradh. An clódhchas go léir atá ann, a bhrisfeadh do chroidhe, is gan oiread meanaithe ann .i. suarach.

méanfadhach: *b.2.* oscailt an bhéil d'aindeóin lé tuirse is mairbhtheacht. Táir ag méanfadhaigh orm, téighir a chodladh: do bhéal ar leathadh lé mairbheacht is tuiteam chun suain. "Imthigheann an mhéanfadhach ó dhuine go duine mar imthigheann an spideóg ó bhile go bile": tagairt dá tógáltacht í seo .i. nuair thagann ar dhuine nách fada ná go mbíonn míogarnach ag teacht ar a mbíonn láithreach. "Ní fearr de chómhartha aothuighthe sraoth ná méanfadhach" .i. cómhartha faoiseamh na breóidhteachta. Caithfir do shaoghal ag méanfadhach: ag srúntáil chodlata is do bhéal ar leathadh díomhaoin glan.

meang: *f.3.* mealladh, calaois, cleasaidheacht cham. Máirín an chroidhe gan mheang nár dhéin éagcóir riamh: cur amugha lé cleasaidheacht mhío-mhacánta. Is deacair dul ó mheang an diabhail: na bearta glioca atá aige chun daoine do mhogalughadh. Oiread agus cárta ní fhéadfadh sé d'imirt lé meang: fonn calaois do dhéanamh. An rud ná féadfadh do dhéanamh i gcomhthrom thabharfadh iarracht ar a dhéanamh lé meang: feall.

meangaire: *f.4.* duine cam, sleamhain. Bheadh seisean ag gáiridhe leat agus budh dhóigh leat gurbh é do chuid féin é an uair is mó bheadh ag ceapadh do dhíoghbhála, an meangaire: duine go mbíonn a theanga 'n-a bhéal aige ag faire ar bhob do bhualadh.

Meangaire cailín seadh í, ag suirghe leis seo indiugh leis siúd ambáireach: gan a croidhe dréir a béil ná a teasbánadh. Meangaire táir a gheallfadh go bhfios dó ná cóimhlíonfadh: duine bréagach, mealltach, suarach.

meangaireacht: *b.3.* gliocas, bladaireacht, clisteacht shuarach. Ní raibh a mheangaireacht gháire ag neach riamh ach ag fear croidhe caim: go mbeadh fáth an gháire ar a bheólaibh lé linn an uilc aige dhuit. Lé n-a chuid meangaireachta do bhí sé d'iarraidh a chur 'n-a luighe ar a raibh 'n-a thímcheall ná raibh in áiteamh éinne eile ach fastaoim: gliocas chun diospóireachta gidh ná raibh ceart ná cóir aige. An mheangaireacht go léir ghom mholadh lé súil a thairbhe: an gliocas eólgaiseach chun a bhladair do chur orm.

meangghail: *b.3.* fáthgháireacht. Nách neamh-chainnteach an duine é? cad is bun leis an meangghail?: riamh níor scar sí lé n-a bhéal: fáthgháire beag nách feadair duine an le subháilceas nó lé do-shástacht é. Níor ghair neach dá raibh láithreach fén bpóitire nuair dubhairt gur mhallacht an deoch ach thugas gach éinne is meangghail air: maoidheamh an gháire ar a cheannaghthaibh. Féach bh'fhearr liom ná beifeá ag meangghail mar sin fúm!: clódh ag teacht ar do ghnúis, ar chúinnidhe do bheól is do shúilibh, ná feadar an lé gean nó leamhas é.

meanma: *b.5.* an (árd)-aigne, an inntin ar a feabhas, misneach, soilgheas. Mo mheanma thu: cuiris soilgheas ar mo chroidhe. Ní lé fonn meanman do chur orm a deirir go bhfuil droch-chrot orm gem thaom breóidhteachta: mo spirid is mo mhisneach d'árdughadh. Má tá breis den namhaid 'nbhur gcoinnibh féin glacaidh meanma, is iongtach é an dóchas: músclaidh bhur misneach is bhur spirid. B'fhéidir do do bheith tinn breóidhte, ach níl aon lag 'n-a mheanmain: tá a mhisneach go bríoghmhar. Thiocfadh doi-mheanma ort bheith ag éisteacht leis an gceisneamh céadna cainnte ó Luan go Satharn gan focal dóchais ná misnigh .i. lag spiride: claoidhe inntine. Chuir scéala buaidhte an chatha soi-mheanma ar mhuinntir na cathrach gur imthigheadar lé fiar-damhaigh lé scléip is girréis: lúthgháir dochuimse ar an inntin. Annsan anois lé tamall táim ghod thabhairt fé ndeara agus ar an gcuma dhubhach a bhíonn ort dar liom go raibh doi-mheanma éigin ort: ísle spiride. Níl aon leath-scéal lé tabhairt agam ná aon trócaire le lorg agam, rinneas lém mheanmain é: aigne thoilteanach. D'aon-mheanmain d'fhan muinntir na hÉireann gan lámh ná ladhar do bheith aca sa chogadh so ach i gcás a gcosanta féin amháin: d'aon-aigne. Cuireann bochtanacht, fulang, easbhaidh is leathtrom ar mo mheanmain: an chuid díom 'n-a bhfuil motháilt, machtnamh agus toil. Chuirfinn mo cheann ar ceap dá bhfaghadh sé príosún, cruadhtan, clampar agus easbhaidh ar feadh fiche bliadhain ná claoidhfeadh a mheanma: a spirid do lagughadh.

meanm-lag: *a.* fann-chroidheach, lag-sprideamhail; ísle-bhrigheach. Taom ait éigin bhreóidteachta d'fhág chómh meanm-lag me, agus gur imthigh mo shuim as an uile rud go mbíodh sé ann: gan aon tapa ná beódhacht anama. Nuair marbhuigheadh a ghuallaidhe i gcrioslach na coille diamhaire bhraith sé chómh meanm-lag san ná féadfadh dul ar aghaidh is gur fhill: de phreibh thréig an fonn, an misneach is aigne ghluaiste é. Ní haon iarracht meanm-lag uainn an cogadh so do sheachaint agus fógra na gcómhacht cómhraic sinn do shéanadh: lán-mheathta.

meanm-láidir: *a.* misneamhail, croidhe-dána, neamh-mheathta. Cuirimís rómhainn go meanm-láidir ceart ár dtíre do chosaint agus is lughaide bheidh fonn ár n-ionsaidhthe ar na trodairidhibh seo: go misneamhail is go neambalbh. Brathaim chómh meanm-láidir sin ar an nóimint seo ná cuirfeadh aon rud eagla ná creithniughadh orm: chómh teann-mhisnigh is chómh láidir-spiride. Budh radharc taithneamhach é 'n-a sheasamh annsúd os chómhair a mhasluightheóiridhe go meanm-láidir ag bréagnughadh a gcuid easmailtidhe: lán d'anam, de mhisneach is de bhród as féin.

meanm-laige: *b.4.* laige chroidheacht; ísle aigne. Tháinig meanm-laige orm a thúisce is chonnac mo chómh-ghuallaidhthe, go léir géillte don namhaid is me fágtha im aonair: d'imthigh mo spirid: mhaoluigh m'fhonn catha. Lé meanm-laige ó bhí an taom trom úd air ní mór go gcorruigheann sé thar tairsing: imtheacht misnigh.

meanmnach: *a.* aigeanta, misneamhail, spirideamhail, gealadhramach. Thug sé fé n-a dhéanamh chómh meanmnach le hOscar agat gan faitchíos ná groga: misneamhail, dearbhtha dá neart is dá chródhacht. Uaireannta tagann iomard éigin meanmnach air gur furaiste é do bhaint da threóir: suaidhteach inntine. Rud éigin thar cuimse ar fad ar fad a tháinig air is a rádh nár throid sé, fear chómh meanmnach leis: misneamhail, spirideamhail, fonnmhar. Bhraitheadar i bhfad níos meanmnaighe siar san oidhche nuair bhí braonaidheacha caithte aca is ceól dá spreagadh dhóibh: níos suairce is níos soilighe i gcroidhe is i spirid. Riamh níor chuala éan ag cantain níos meanmnaighe 'ná smólach maidean mhoch ar spuaic tighe an Aifrinn: níos uaibhrighe, misneamhla, dearbhtha, a croidhe 'sa beó go léir n-a glór. Mo cheól thu, dá mhéid é t'aois is dá luighead é do chóir, is tú atá ag triall an bhealaigh go meanmnach!: beó, aibidh, mear. Táimíd go léir go meanmnach annso, is cá hiongadh san, ná fuil cuideachta shuairc againn: gealadhram, croidhe-shásta. Cad is soi-mheanmnaighe 'ná cuideachta shuairc eólgaiseach fhlaitheamhail?: is mó a árduigheas aigne is inntin an duine chun an aoibhneasa is dual di. Indiu, deirim leat, gur doi-mheanmnach an scata daoine atá ar an mbaile sin tar éis ar báthadh airéir as: duairc, brónach, trom-chroidheach. Cúiteamh ná éiric níor iarr sé 'n-ar dhein na garsúin de dhíoghbháil ar a thigh, ghá rádh go raibh sé féin óg tamall, budh mheanmnach an bheart uaidh í: uasal uaidh .i. gan suarachas ná beag-is-fiú ag baint leis. Led thoil mheanmnaigh do bhuailis me, a bhitheamhnaigh, níor bh'aon neamh-choinne ná dearmhad é: toil ó chroidhe amach. Tá sé luath, déidheannach anois aige bheith ag ceapadh leathscéal do rud a rinne sé lé n-a thoil mheanmnaigh .i. tar éis bheith machtnuighthe aige air. Tiocfad dem thoil mheanmnaigh féin gan bacamhaint lé spreagradh ná toirmeasc ó neach ar bith: saor-thoil.

meanmnacht: *b.3.* misneamhlacht, cródhacht croidhe, neart tola, uaibhreacht spiride nó anama. Do mheanmnacht chun do thíre d'fhóghnamh ar uain seo an éigin nár thréigidh thu: misneamhlacht d'aindeóin na conntabharthach. A thúisce is múscaltar ár meanmnacht ionainn cuirfeam in iúil dóibh nách aon imirt bhiorán sop iomghabháil na hÉireann: an neamh-fhaitchíos roim chruadhtan is clampar ar n-a spreagadh ag spirid dhílis. "Maithim gach aonnidh dóibh, is amhlaidh atá truagh agam dóibh" – "mo ghradhain do mheanmnacht": uaibhreacht: neamh-shuaraidheacht croidhe. Pé cruadhtant,

clampar ná géibheann a bhéarfaidh air ní lagóchaidh sé a mheanmnacht, tá sé ró-dhaingean, ró-chródha 'n-a inntin do: an fonn atá geinte ann leis an mianach fíor, ceart.

meanmnughadh: *f.* (*-uighthe*) misniughadh, árdughadh croidhe is lúthgáire; do thabhairt breise anama, meidhreach, lúthgháire; brostughadh; greannughadh. Dos na saighdiúiridhibh bochta chun a meanmnuighthe chun catha tugtí rum, amhail is dá mbudh ainmhidhthe neamh-éascaidhe iad: a neartuighthe, a múscalta a's a n-ísle bhrighe. Fuacht go smior do bhí orm, brathaim an braon beathuisce sin ghom mheanmnughadh: ag cur spreagtha ionam: ag corruighe na fola ionam. Meanmnughadh mór ar mo chroidhe seadh do dheagh-scéala do chlos mar nách leis do bhí súil agam: cur misnigh: tógaint is soilbhreacht croidhe. Ná déin aon mheanmnughadh air, tá sé toilteanach a dhóthain cheana: aon ghriogadh. Lé húrnaighe, deagh-oibreacha is carthanacht bead ghom mheanmnughadh féin chun Dé is na bhFlaitheas: neartughadh. Budh mhór go léir an meanmnughadh orainn bád eile bheith 'n-ár bhfochair san ndroch-fharraige: misniughadh. Beidh meanmnughadh na gile gréine againn nuair bheam go léir bailighthe i bhfochair a chéile is an siamsa fé lántseól: éirghe croidhe is sult.

meanmnuighim: *b.a. 7 n-a.* misnighim, cuirim subháilceas, taithneamh, greann ar an gcroidhe. Na bréithre miochaire a labhair sé liom lé linn mo chruadhtain do mheanmnuigheadar me: thógadar an ceódh dhem chroidhe is chuireadar misneach is dóchas ionam. Is dona, duairc an croidhe ná go meanmnuigheann deaghscéala é: go n-árduigheann i suairceas. Ó cailleadh a bhean bhuail an fear bocht a cheann fé, do ghoill a chailleamhaint chómh géar san air, is ó shoin níor mheanmnuigh sé: níor tháinig subháilceas ná sult air. Meanmnóchaid anois ar an ndó nó trí chathannaibh sin do bhuadhachtaint: árdóchaidh a spiriddidhe dá chionn.

meanmnuighthe: *a.r.* neartuighthe i spirid, misnighthe, daingnighthe. "Anois", ar seisean, "táim réidh lé dul os chómhair Dé, brathaim m'anam is mo chroidhe meanmnuighthe": neartuighthe. Beidh seisean meanmnuighthe go maith i gcóir an bhóthair sara bhfágfaidh sé an baile mór má dhéineann deoch ar domhan do é: a spirid bíodhgtha ann ge digh mhearbhaill. Is mór agus is lán-mhór atá mo chroidhe meanmnuighthe gen ndeaghscéala san: gáirdighthe.

meannán: (**beannán**) *f.1.* cnoc nó carraig mhór cruinn ag caolughadh ó bhun go barr go mbíonn i ndéanamh cruiceóige. Meannán Faille Cliath, Faille Máluisc, Faille Beárnuisc etc.: carraigeacha mar deirim i mbéal na bhfaillteach úd iad so. Meannán na Gráige: maidhm ard, chruinn, charraigeach tóiteáin idir Dhún Chaoin is Pharóiste an Fhirtéaraigh.

meanndáil: (**mindeáil**) *b.3.* bogadúradh, gíotáil bheag. Cad é an mheanndáil atá ort leis? an gcaithfir as do láimh é nó an lá 'san bhliadhain do chaitheamh leis?: gíotáil bheag: ag gabháil de gan chlódh gan fonn. Gheóbhadh duine céad meanndáil tímcheall an tighe i rith an lae a choimeádfadh ar siubhal é: rudaidhe beaga, suaracha. Bead ag meanndáil liom, tá mo dhóthain eaga agam chuige: chuige is uaidh: ag gabháil de ar mo shuaimhneas. Cad é an saghas meanndála an tsaoirseacht san?: iarracht bhocht lag. Cuimhnigh nách aon ghnóth meanndála é seo ach cúrsa árd-thábhachtach: suarach.

meannlach: *b.2.* gearán cait, meabhlach, gol gearáin bunóice. Aon néal níor leig cait an bhaile mhóir ag meannlaigh sa chlós: ag gearán 'sag cur glóir thruaighmhéiligh uatha mar bheadh gearán nó ocras ortha. Ag meannlaigh ar bhainne atá an seiciliúir cait sin: básán cait ag lorg go truaighe. Is measa thu 'ná cat ag meannlaigh, an béal bocht choidhche ort. Mara mbeadh gan an leanbh san do bheit ar fóghnamh ní bheadh sé ag síor-mheannlaigh mar sin: ag gearán 'sag gol.

meannlachán: *f.1.* leanbh guil; sceamhlóir. Ní lugha liom an súgh 'ná meannlachán leinbh, é do chur ó bhais go bais ní shásóchadh é: snúthaire beag gan chrích.

meannlóir: *f.3.* sceamhóir, síor-ghearánaidhe leinbh, cúis nó gan cúis; cnáimhseánaidhe. Ná tóg aon cheann de, meannlóir seadh é, nuair is mó bhí luach ar sheifteannaibh deireadh sé go mío-shásta gur bh'fhéidir a thuilleadh do thabhairt ortha: ceisnightheóir. Ní bheinn im mheannlóir toisc breis do bheith ag duine eile orm: cnáimhseálaidhe: ceisnightheóir: im dhuine gur mór liom faic d'fheicsint ag éinne ach agam féin. Id mheannlóir ataoi ó rugadh tú [nách ait an cor cainnte é sin, nách dóigh leat?], caith uaim tú féin .i. éirigh as bheith ag cainnt asat féin, súmaire beag truaigh seadh riamh thu. Meannlóiridhe leanbh: lag, leice, gearánach, clamparach.

mear: *a.* tapaidh, tric, pras, beo, bríoghmhar, obann, áthasach, fiadhain, fiadhta. Nách mear a ghluaiseas taoide an bhealaigh (idir an míntír is an Blascaod Mór), luath, fuinneamhail. Táir ró-mhear féd bhuille: ró-fhonnmhar chun troda: buailir gan puinn cúise. Bí mear!: tapaidh! luathuigh. Gunnaidhe mear-chaithte .i. a chaitheas mórán urchar i ngiorracht aimsire. Duine mear-chaithmheach fé n-a chuid airgid é: caitheann sé é gan cuimhneamh air fein. Bí ag cur díot go mear, ar lán-luas (is minic gur bagairt seo). Ní mire ar phatachán girrfhiaidh 'ná air: thall 'sa bhfus ar an am gcéadna. Cuir síos mar is mear do thógfá (cártaidhe): pras: gan aon tsiléig. Capall ró-mhaith ar bhóthar é, ach ró-mhear fé chéachda: gan bheith luighte, cómh-shnáth-thairngtheach is d'oirfeadh don saghas oibre. Is maith an áit n-a rabhais, is truagh tuairmidhe meara do bheith agat: neamhfhuaimeantamhla. "Tá éileamh an chíosa amuigh" – "is mear é": níor moilligheadh 'n-a chur in iúil. Imirt mhear lúthmhar a bhí ann ag déanamh ar fíor-dheireadh an chluiche: luas mór is fuinneamh léi. San aois ní bhíonn duine chómh mear ar a chosaibh: éascaidh: ní bhíonn a n-áis chómh praitineamhail aige. Sin é cuma mhear mhalluighthe atá air siúd go bhfuil sé buailteach, bruigheantach: tapaidh i mianach. Chómh luath is bhí an focal úd as mo bhéal thug sé súil mhear orm: féachaint ghrod go raibh brigh éigin léi. Mear ar mo chosaibh: tapaidh chun siubhail. Mear as a ghéagaibh: tapaidh chun áise do bhaint asta. Níor chualaidh éinne riamh an cogar úd ach duine lé cluas mhear: cluas a chloiseann go prap. Chómh mear chun ithte lé coin: luath: neamh-mall. Shíneas mo lámh chun beartha ar an sciain, ach bhí mo chóimhghleacaidhe ró-mhear dhom, bhí sí aige rómham: pras: luath i ngluaiseacht. Ní mire pocán gabhair 'ná thu: gan do shuidhe ná do luighe i bhfad in aon áit. Choidhche ní fhéadfainn céadamhadh cuid a ráidhte do bhreacadh síos, do bhí sé ag cainnt chómh mear san: rith mór lé n-a theangain. Do theanga mhear a ghoirteóchaidh lá éigin thu: bheith neamh-fhoidhneach is gan do chuid cainnte do mheádh roim ré. Sin port mear agaibh is buailidh cos air: beó, aibidh, tapaidh. Ná bí chómh mear dom nó traochfair me: ró-luath ar ghluaiseacht na gcos.

mear-: *i gcfhbh.* tapaidh, pras, luath. Pé locht atá ort tá mear-aighneas do dhóthain agat, níor mhaith liom a bheith orm cainnt do thabhairt duit: sruth chainnte. I gCorcaigh indé annso indiu! sé an mear-aistear: turus tapaidh san aimsir. Cad n-a thaobh an mear-aistriughadh? dar ndóigh nílir san ionad mhaith so coighcíos: obann: ná taidhbhsigheann ciallmhar. D'fhágas iad, bhíodar ró-mhear-bhorb dom shagas-sa de dhuine chiúin, chúthail: garbh, árd-ghlórach, bagarthach. Mear-bhuachaill é sin go mbíonn a mhéar 'sa shúil ar gach aonnidh aige: tapaidh, tric chun rudaidhe do sciobadh. Is é fear is mear-bhriathraighe dá gcuala riamh é, canamhain is freagra ar bharra a theangan aige: deisbhéalach. An té a bhí 'n-a shuidhe gen mbórd budh ghiorra dhóibh, bhí sé chómh mear-chluasach san agus go rug ar an uile rud adubhradar, dá chiúine é: géar-éisteach. Do mhear-chalmacht a bhuaidh ort, thugais fé ar an uain budh mheasa: neamh-fhoidhne le breis mhisnigh. Mear-chómhairle dhuit é do chúisiughadh gan a fhios a bheith milleán ná cúis do bheith agat air: cómhairle obann nár cheart do dhéanamh gan machtnamh. Chuirfeadh sé spearbail ort lé n-a mear-chleasaibh, raghadh díot iad do leanamhaint: cleasa trice, glioca, mealltacha. A bhuidhe lé Dia, táim chómh mear-chroidheach is bhíos riamh, níl aon chlaoidhe air: chómh geal don tsaoghal agus bhíos riamh: chómh gealadhramach. Ars an dochtúir, "tá mear-chuisle agat, táir tar éis an iomad d'ól": do chuisle ag bualadh i bhfad thar mar budh cheart. Bír ró-mhear-dhána nuair bheireann an tástáil cheart ort, agus ní fhéadfadh éirghe leat: lé dánaidheacht ní chuimhnighir thu do bheith nó gan a bheith láidir do dhóthain. Mara gcuirtear cosc leis an mear-dhortadh fola so atá air gheóbhaidh an duine bás: sileadh tapaidh gan aon staonadh. Dhá lá a bhí aithne aige uirthe nuair iarr sé uirthe é do phósadh, b'shin é an mear-éileamh agat: an grádh tapaidh. Ar an slighe ataoi-se ag caitheamh tiocfaidh mear-easbhaidh ort: ceal grod. Nuair caitheadh piléar ar philéar liom a's me do rinne an mear-eiteall: teann deabhaidh. "Cá bhfuairis an mear-each?" do fiafruigheadh d'fhear an asail bhacaigh: capall lúthmhar. Leis na méireannaibh mear-éadtroma atá air ní bhrathfá an rud dhá thógaint as do phóca aige: gasta, tric. Nuair glaodhadh air go rabhthas chuige sé dhein an mear-éirghe: gan moill ná righneas bhí sé 'n-a shuidhe. Chorruigh rud éigin sa doircheacht in aice liom agus thugas mear-fhéachaint sa treó: grod-fhéachaint. D'aithneófá, is níor ghádh dhuit bheith id bhreitheamh mhór, ar an mear-fhéachaint atá aige, ná fuil a cheann ró-mhaith, an radharc chómh hárd san innte: súil fhiadhain, chorruighthe. Níl sé láidir ná taithigeach, 'n-a óige tháinig mear-fhás fé: chuaidh sé in aoirde go han-thapaidh. Bhí mear-fhórsaidhe na namhad ar an gcorp againn sar ar bh'eól dúinn faic: fórsaidhe tapamhla. Ar a luighead cúise tagann mear-fhearg air: fearg obann, fhíochmhar. An bhfuil seisean ag tabhairt mear-fhiadhnaise uaidh nó cad tá air?: ait, gan chiall. A bhean, seachain thú féin ar an bhfear san, tá mear-fhás air!: teasbach lé díomhaointeas is deaghbhiadh. An áit a bhí chómh ciúin leis an uaigh, ar an nóimint bhí sé mear-fhothrom ag pléascáin ón aer is glór áthraighe aoir: gleódh is torann a bhodharfadh duine. An mear-fhústar go léir a thúisce chídhtear an saoiste ag teacht: an deabhadh 'san grithileán chun oibre. Tigh bídh mear-fhriothála é seo, téanam ní bheidh puinn moille orainn ann: mar a tugtar friothálamh tapaidh, cúramach. Gach neach sa cheanntar ar a thoil féin aige, iad ag mear-fhreastal air mar bheifeá ar Thighearna mór éigin: ag rith 'n-a thímcheall 'n-a maidrínidhibh lathaighe ag déanamh gach aonnidh dho. Ó, a dhuine, atá an mhear-fhuil ann ná fuilngeóchadh leathtrom ná mí-cheart: mianach fola ná luighfeadh fé éagcóir. Caith chugham é! grádh Dé ort, tá mear-ghábhadh agam leis, aon diabhal rud níl agam: call obann: ar an dtoirt. B'fholláin duit an mhear-ghabháil do dheinis ar an dtéid, dá dtéigheadh sí uait bhís

súngcálta: tapaidh, cruinn, gasta. Droch-thráigh sin lé capall ualaigh, í lán de mhear-ghainimh .i. puill ghuairneáin innte. Nách air a tháinig an mear-ghalar gur bhuail sé in aonfheacht é: obann: gan tuar, gan cómhartha. Nách é a thug an mear-ghean di: an grádh obann. Ná bí ag mear-ghearán an duine liom-sa mar ná fuil baint lámh ná ladhar agam lé nbhur gcuid cúirimidhe, ag cur síos go trom, milleánach air. Na mear-ghéimeanna a bhí dhá dhéanamh aice nuair tógadh an gamhain uaithe: béiceanna géara, árda. Beidh mear-ghiascán fiacal ar dhaoinibh nuair chloisfid an t-iasc ag gach n-aon eile is gan faic aca féin .i. beifear go ró-chráidhte leó féin. I mear-ghleódh na habhann idir an dá arm d'iarraidh dulta treasna treascradh na sluaighte: cath cruaidh fiochmhar. Dhéanfadh leath na mear-ghluaiseachta an gnóth agus is fearr do bheadh do ghnóth déanta: an deabhaidh mhóir. Maran ort atá an mear-ghob chun cainnte: béal nách féidir do chur 'n-a thost. Mara mbíonn an fóghmhar go maith agus na daoine cúramach, cnuaisciúnach gheóbhaid mear-ghorta de chionn an chogaidh seo: ocras obann nách féidir do sheachaint. Is ort ná fuil an mear-ghothadh oibre: cuma ná deallramh cóir. Is dóibh do tugadh an mear-ghreadadh amach as an gcathair, níor fágadh saighdiúir namhad innte fén oidhche: deineadh gnóth glan díobh in aimsir ghearr. Chonnac é go maith ag baint mear-ghreamanna as an bhfeóil, is mór an dúil í: ag itheadh luath, láidir. An mear-ghuairneán a dhein an ghaoth sa ghleann d'árduigh sí léi fiú amháin préacha aitinn is craoibhe: casadh tímcheall obann, lántapaidh. Cuimhneóchaidh san ar aonnidh lé linn riachtanais, tá sé chómh mear-inntineach san agat: tapaidh ar rud do cheapadh. Thugas mear-iarracht fé bhreith is é ag gabháil tharm, ach ní rabhas tapaidh mo dhóthain: iarracht fhuinneamhail. Mear-iarrachtaidhe an ghabha chun an iarainn do cheapadh faid agus bhíonn sé te: buillidhe prapa, prasa. Cuirfear mear-imtheacht as an áit seo ort-sa mara gceapair do shuaimhneas: an ruaig obann. Budh dhóigh leat indé air gur linn go bás, tá sé 'n-ár gcoinnibh indiugh, sin é an mear-iompódh agat: athrughadh obann ar thaobh eile. Ní fada an mhoill air aon rud do dhéanamh tá sé mear-lámhach: tapaidh cliste leo. Níor chall duit do bheith leath chómh mear-láidir lé húirlis chómh neamh-thathaigeach .i. ag imirt an iomad nirt uirthe. Faid is bheifeá ghá rádh bhí sé mear-láimhseálta ges na bitheamhnaigh is a raibh aige slaidte: é cuarduighthe go pras aca. Ná mear-láimhseáil me, táim ró-lag duit: ná déin me do shuathadh thar ceart léd neart. Is tú is mear-lámhaighe ar pheann dá chonnac riamh ar a bhfuil scríobhtha ó mhaidean agat: is praitineamhla gur féidir leis a bheartughadh. Bheadh scannradh ort-sa, leis, dá mhéid é do mhaoidheamh, dá mbeitheá ar an bhfiadh-chloich úd gan buille snámha san taoide ag mear-líonadh id thímcheall: ag líonadh 'n-a tulcaidhibh. Na mear-lasracha a phléasc ar fuaid na cathrach agus na pléascáin ag teacht cioth ar chioth ón aer: teinteacha obanna. Tabhair aire don mear-leaidhb sin agat, déanfaidh sí do bhascadh mara gcuirir srian léi: teanga ró-luath fé charbhallaibh. Baineadh mear-leagadh asam. Leigeas don scéal fuaradh, níor mhaith liom clampar do tharrac ar an ndream a bhí cionntach, mar sin, ní dheárna aon mhear-leanamhaint air: ní dheaghas níos déine ag éileamh cúitimh. Nách é an scéal do mhear-leathadh é, bhí sé ar fuaid an cheanntair fén oidhche is gan focal de fíor: do scaipeadh go prap. An bhfuil aon mhear-leigheas agat ar thinneas cinn?: leigheas a chuirfeadh deireadh leis ar an dtoirt. Thug sé mear-léim eilite thar claidhe: luath, ceólmhar. Tá tóirtéis orainn as an oiread mear-laoch a rinne coimheascar ar son na dúthaighe seo gach tráth: fir chalma gan mheathtacht. Deirim-se leat-sa gur mise an fear a dhein mear-mhachtnamh ar cad budh cheart dom do dhéanamh is gan puinn aimsire agam: gur chuireas nidhthe trím smaointibh chómh pras agus b'fhéidir liom. Sin í an deoch mara dtabharfá aire dhuit féin

uirthe, a chuirfeadh mear-mhearbhall ort: a bhainfeadh aithne do bheart díot gan ró-mhoill. Cad do chuir an mhear-mheidhir ar an nduine sin ná feaca riamh roime seo ach duairc, dubhach: gealadhram aibidh. Cuirfidh an deoch láidir sin mear-mheisce ort: meisce thapaidh. Mear-mhíol an girrfhiadh .i. go bhfuil siubhal ’n-a chosaibh. Cuireann sé mear-mhórtas ort gníomh chómh héachtach do bheith déanta agat: an-árd. Aon locht mór amháin atá air go mbíonn an iomad mear-mhuinighne aige as féin: iontaoibh gan féachaint roim an méid a bheadh rómhat. Ná bí chómh mear-mhursanta san is bheith ag caitheamh na ndaoine i leath-taoibh uait, ní leat an áit ar fad: ró-thapaidh ar fad léd chuid tíoránachta. Sin é an té ná leigfeadh ar lár thu má leigfeadh éinne, ní fada ód ghualainn do bheadh sé lé mear-dhúthracht: fonn is díoghras teacht chun do chabhartha. Tugadh mear-nimh do nár mhair dhá uair an chluig léi: nimh a oibrigh. Mear-osnaidhe is tulcghail ghuil go mbeadh truagh agat di .i. gan osna ghá fágaint in ao’chor. Aon dream beag a ídigh lé soitheach leanna duibhe ló go n-oidhche do dheineadar mear-ól: ólachán trom, tapaidh. Fuair sé mear-órdughadh do bheith ag cur de is gan filleadh go fóill: órdughadh dian, tapaidh. Táir-se chómh holc leis an gcuid eile aca, bhís chómh mear-pháirteach i leagadh mo theórainn: dheinis an oiread lé cách. An mear-phian atá amach anois trí chealgán mo ghlún mharbhóchadh sé stail chapaill: pian dian gan lagadh air. An mhear-phléascarnach a bhí ag máillidhibh na luinge nuair shéid sí bhodharfadh sé cloch: cnagadh tiugh, tapaidh, glórach. Bhainfead mear-ramsach as mo chuid airgid níos túisce ná fágfadh ag daoinibh eile le caitheamh é: ní fhágfad aon fhuacht air maidir lé gan aon tsaghas coigealtha do dhéanamh air. Tóg cómhairle amadáin is beir fada air, táir ag déanamh mear-reice ar do shláinte: ghá milleadh gan fhéachaint ar bith dhi. Congaibh ar feadh tamaill eile é níl aon mhear-riachtanas agam leis fé láthair: aon ghábhadh géibhinneach. Nách mear-rithte an gála é sin gan aon choinne leis: tagtha chun cinn de thapaidhean. Tá an t-aos óg ró-mhear-rúiseach do sheanduine mar mise chun bheith ’n-a dtreó: gan iad stuidéardha ná socair. An t-ubhall mear-shearbh san ní fhéadfainn a bhlas: ró-ghéar. Ar an mear-sciobadh atá sé ag brath riamh: rud d’árdach leis i nganfhios. Droch-oidhche iascaigh seadh í, cuma ró-dhiamhair uirthe, mara dtabharfadh duine mear-sciobadh: seáp obann is filleadh. Dá gcuirinn mear-spéis ann bheinn in am: dá gcuirinn suim cheart in am. Mear-shruth cnuic .i. go mbíonn siubhal mór fúithe. Nách air a tháinig an mear-shuan, ní túisce bhí sé sínte ’ná bhí sé ’n-a phleist: codladh obann. Táthar go mear-shaotharach ag déanamh armála fé láthair: obair mhór iomadamhail dhá dhéanamh chómh pras agus is féidir. Fear mear-thabharthach nár loc a lámh riamh ar neach: lán-fhial. Ná déin ach mear-thagairt do, ná caith aimsir. Cailín mear-thaodach í go mbíonn a haigne soir indiugh is siar ambáireach: taomanach: gan í bheith daingean ’n-a rún. Chaitheadar an oidhche go gealadh an lae ag mear-thaoscadh dighe: ag ól go trom. Má cuirtear an fheóil ar an mear-theine sin cruadhfaidh sí: teine ró-the, ró-láidir. An mear-thinneas atá san uillinn sin mar bheadh na céadta snáthad dhá sháthadh trí chuirfeadh lé neamh-meabhair duine: bualadh tapaidh, gonta. Aon chúis ghearáin ní bhfaghair ar an ngarsún so tá sé chómh mear-umhall is gheóbhfá: féicheamhanta, pras ar órduighthe d’fhreagairt. Ó thalamh an domhain ní fhéadfainn a dhéanamh amach cé a bhí agam, agus cheapas go raibh mear-aithne agam ach go háirighthe ar a dtagann ar an mbaile: breac-aithne. Thug sé mear-sheáp fén airgead do shnapadh nuair ná raibh neach ag féachaint: sáthadh sanntach, obann.

méar: *b.2.* ceann des na cúig ballaibh ar an gcuid is sia amach den láimh, aon cheann díobh so ach an órdóg; aon rud i bhfeirm méire; clúdach méire; cos phartáin etc.; tómhas, leathad nó faid na méire. An órdóg, an mhéar spáin (teasbáin), an mhéar mheádhon, an tsisle (méar an fháinne) agus an lúidín. Déin anois é is ná bí ghá chur ar an méir fhada, mar leigfeá i bhfuaire é: é do chur ar ath-lá. Anois a bheadh againn aithrighe do dhéanamh is gan é do chur ar an méir fhada: é d'fhágaint lé ham eile ag braithstint nár ghábhadh broid. Ní haon duig agat an méid sin d'ól, cuir méar nó dhó eile chughat: oiread leithid na méire ar aoirde. Níl breac ar a méir aige tréis an iascaigh go léir: ceann amháin. Is fada me féd mhéir agat ach ní fhoidhneóchad a thuilleadh leat: féd chómhacht. Baineann sé méar as (an ól) anois is airís: braon beag. Sid é a ólfaidh gan aon mhéar leis é: gan tafant: go dúlmhar. [Is minic do caithtear méar do chur i mbéal gamhna leis an mbainne, in aithris ar an sine!]. Chonnac é ag síneadh a mhéire chughat: ghod dheimhniughadh. Tá dhá mhéir díom: in easnamh orm. An rud a bhíos ag imtheacht ó mhéir go méir ní fada is rud é: ó dhuine go duine. Ná buail barra (do) méire (báine) orm nó is tinn duit: ná déin oiread agus teangmháil liom. Ní raibh aon bhaint aige lé haon rud riamh ná gur fhág sé rian a mhéire air .i. ná gur chuir slacht air. Níl oiread agus rian méire air, cuireadh sé uaidh a chuid cnáimhseáin: an cómhartha is lugha. Is mór í a chuimhne 'sa mheabhraidheacht, tá na fichididhe laoi ar bharraidheachaibh a mhéireann aige: .i. ní duadh leis a n-aithris. É casta ar a méir aice chómh mór san go leanfadh sé go hIfreann í: é fé n-a chómhacht ar fad aice. Tabhair aire dhuit féin i ngach áit dá ngeóbhair is ná bítear ag síneadh méire chughat: ghod dheimhniughadh mar cheap magaidh nó id dhuine go raibh rud éigin bun os cionn leat. Féach uirthe sin d'obair ghreanta, tá sé (ceól etc.) 'n-a mhéir súd: cliste, eólgaiseach. Ní fhágfair méar anáirde ort féin leis an dtuaigh sin .i. sin arm conntabharthach agat, gan tú aireach air. Beidh obair mhéire agat-sa fós mara bhféachair rómhat in am is gach rud do dhéanamh 'n-a cheart .i. caithfir siubhal airís uirthe agus í do shlachtughadh. As mo radharc, a amadáin! cad é mar útamáil í seo, tú féin is do mhéireannta lathaighe!: salacha, gan tapa. Léan id mhéireanntaibh lobhtha! ná deárna faic riamh i gceart: aindeise: gan aicillidheacht ná clisteacht. D'imthigh airgead uaidh mar imtheóchadh idir a mhéireannachaibh: gan aon iarracht ar chosc. Méar ní chorróchadh sé chun tú do thógáil ón mbás: iarracht dá luighead ní dhéanfadh sé. Caithfidh do mhéar-sa do bheith ins gach aonnidh .i. baint do bheith agat lé rudaidhibh nách cóir duit. Anois díreach do bhuailis do mhéar ar an rud atá mí-cheart leis an mí-riar so: a fuairis amach cá bhfuil an mháchail. Dar leis go raibh sé ag cur méire fém shúil nuair bhí ag brath ar an áit d'fhagháil ar chéad púnt .i. ag bualadh bob orm. Cuireadh méar shúil an lá chreidis uatha gurbh iad do cháirde iad, mar nách iad ná in aon ghiorracht do: mealladh thu. An té nách binn leis an scéal so cuireadh sé a mhéireanna 'n-a chluasaibh. Oidhche agus áit chómh dorcha san ná feicfeá an té a chuirfeadh méar it shúil: an-dhorcha ar fad. Faid mo mhéire de bhlúire adhmaid ná de chipín chun teine ní bhfaghfá ann: giota beag. Oiread mo mhéire d'fhear ag fagháil an lae ort, faire thu!: suarachán, truaghán. Féach é féin 'sa mhéireannta partáin: aindeis: gan chruinneas. Teastuigheann uaidh go stadfá, tá sé ag bagairt a mhéire ort .i. ag déanamh cómhartha léi. Tá an tsean-chulaith seo ag dul i léic gach aon lá, is maith do theastóchadh uaithe méar do shíneadh chúiche: í do dheisiughadh. Garsúin óga nuair bhíd ag cur dubhslán bruighne fé chéile, deir duine aca ag fliuchadh barra a mhéire, "cuir do mhéar annsan" .i. anuas ar a mhéir féin agus má dheineann cómhartha go dtroidfidh! "Agus thug sé do Mhaoise, nuair do chríochnuigh sé a chómhrádh leis ar shliabh Shionoi, dhá chlár na fiadhnaise, cláir

cloiche scríobhtha le méar Dé" (Ecs. XXXI. 18): a chómhacht: a shaothar. "Agus do bhí fós cath i nGat mara raibh duine de mhéid mhór, agus sé méireannta ar gach láimh leis agus sé méireannta ar gach cois leis, a ceathair ar fhichid a n-uimhir, agus is don aitheach mar an gcéadna do rugadh é" (2. Sam XXI. 20). "Agus ar n-a bhreith leis fé leith ón bpobal do chuir sé a mhéireanna 'n-a chluasaibh agus ag caitheamh a sheile dho do theangbhuigh lé n-a theangain" (Marc VII. 33). Chómh minic is tá méireanna orm (ar chois is ar láimh liom) tá cómhairle tugtha agam do: go mion minic. Chuirfinn mo mhéar ar dhathad duine go bhfuil a fhios aige, dá thagairt duit nách aon rún é: d'fhéadfainn iad d'ainmniughadh. Bíodh do mhéar sa roinnt: bí rann-pháirteach. Ar thógaint do mhéire dhéanfadh sé aon rud duit, tá sé 'n-a bhais chait agat: aon tsaghas cómhartha órduighthe. Deirtear lé duine a sheinneas, a scríobhas nó a chríochnuigheas aon rud leis an láimh go slachtmhar – "do mhéar!" Ná bíodh aon mhéar agat-sa annso: aon bhaint leis. Ag imtheacht ó thigh go tigh ar lorg iasachta rothair is mo mhéar im bhéal agam!: me go cráidhte ag déircínteacht. "Cuir do mhéar id bhéal anois", deirtear lé duine nuair bhíonn rud a oirfeadh imthighthe gan teacht suas leis. Níor hárduigheadh méar chuige le heagla roimis: aon chruisteach níor deineadh air. Tá sé sin ró-árd, ísligh méar é: beagán. Mar a chéile dhuit bheith ag cainnt leis an nduine ndána san nó bheith ag cuimilt do mhéire de chloich: aon luighe i gaibhte ní raghaidh air. Ná bí ag cuimilt do mhéire dhíom-sa mar ná déanfad aon tsíos ná suas leat: tláithínteacht: muinnteardhas. Chómh tinn ná féadfá do mhéar do bhualadh air: teangmháil leis. B'fhearr leis an méar is lugha air 'ná mo chorp, sin é a mheas orm .i. ró-chion aige dho. Gearradh na méireannta den mhitín (leath-laimhne): na clúdaigh i bhfeirm méar. Is é a raibh d'fhínéacht 'n-a choinnibh rian méar a fuairtheas ar phlána na fuinneóige. Is mór san an t-airgead gabhtha trí n-a mhéireannaibh: imthighthe uaidh gan aire do thabhairt do. Thug an bradán an daradha ón méir amach agam: bhris sé díreach é mar a raibh mo ghreim air. Leag duine éigin a mhéar ar na leabharthaibh seo, ní mar sin d'fhágas-sa iad: do corruigheadh iad: teangmháladh leó. Budh dheacair dom é d'fhagháil fém mhéireannaibh (ag cuardach fém mhéireannaibh) sa doircheacht: gan radharc ar an áit. An lém mhéireannaibh do dhéanfainn é?: nó an ag magadh fúm ataoi? .i. gan aon úirlis: gan na hoireamhaintidhe riachtanacha. Ní raibh aon tabhairt suas uirthe agus lé cómhaireamh ar a méireannaibh do dheineadh sí cunntas: ag cómharthughadh gach suime áirighthe ar mhéir. Ghom bhodhradh féin ní bheinn leat! an dóigh leat go mbeinn ag tabhairt mhéire dhuit: mó mhéar id bhéal god mhealladh chun ruda ná bíonn mór-fhonn ort 'n-a thaobh.

méar-: *i gcfhbh.* Sin é, beir go méar-aindeis ar go haon rud is leig dóibh tuiteam uait: neamh-chruinn, neamh-ghasta. Ceóltóir méar-aicillidhe: go pras binn in áis na méar. Aon phioc níor bhraitheas an dochtúir ghom láimhseáil, bhí sé chómh méar-chneasta san: socair, aireach. Na crobhanna áilne méar-chaola atá uirthe: córach, seang, líomhtha. Rug sé greim méar-docht ar scórnaigh orm: iad go dlúth, ceangailte. Táir ar an scríobhnóir is méar-éascaidhe dá bhfeaca: luath, pras leó. Lámha méar-fhada, méar-ghearra etc. Cailín méar-gheal: méireannta go ndath taithneamhach ortha. Méar-ghoirtighthe go maith, mar ar bhrúigh na clocha me. Is méar-ghasta a dheisigheann na cailínidhe stolla in éadach: cliste, eólgaiseach leis an láimh. Cuir suas do bhaoite go méar-ghasta: áis chliste na méar. A mhéar-éadtruime is thairng sé an t-airgead as mo phóca is nár bhraitheas é: chómh gasta, glic. Raghadh méar-chuimilt lé smearadh go maith dhuit, bhogfaidís is dhíreóchaidís: sleamhnughadh síos suas. Bíonn bean ró-mhéar-lag ar obair gharbh do

dhéanamh: leóchaileach. Theangmhuigh go méar-lag leis an gcneadh thinn sin nó goinfir go smior me: aicillidhe: cneasta. Nách méar-lag a bhuaileas sí téada na cruite, gur ar éigean do chloisfeá an fhuaim: éadtrom, tric. Buachaill méar-mhaothach tusa ná saileóchadh thu féin lé hobair: iad gleóidhte, slím sin gur thruagh suathadh do thabhairt dóibh. Tá crobhneart is méar-neart ann, mar bheadh gathaidhe fiolair: iad láidir fuilngtheach, greamuightheach. Ná bí ag méar-ionnramháil leis an ím sin nó laitfir é: ag gabháil de leis na méireanntaibh is ghá útamáil. Crobhanna méar-leabhair gur thaithneamh leat féachaint ortha: córach, déanta, líomhtha. D'éirigh méar-ósbairt i roth mhuillinn: goirtigheadh iad. Is clos dom nách aon mhaith dhuit bheith ghá shéanadh go rabhais chómh méar-pháirteach lé duine san obair: go raibh lámh is ladhar agat innte. Ná bíodh aon mhéar-phriocadh ort ach lán glaice sa turus do thógaint: ag tógaint mion-bhlúiridhe. Is méar-liobarnach d'éirigh sé dhuit do chuid mionairgead d'imtheacht ar fuaid an úrláir uait: neamhchruinn: neamh-ghasta. Budh bhreágh leat féachaint uirthe is snáthad 'n-a láimh aice, tá sí chómh méar-thapaidh sin: pras, luath, slachtmhar. Ná luigh go méar-throm ar an scanán nó cnagfair é: dingeadh láidir leo. Lámh méar-réidhe: sleamhain glan-chnis. Lámha méar-reamhra: neamh-chóracha. Níor mhór duit do shúile do chongbháil air, tá sé méar-shleamhain .i. bhaileóchadh chuige i nganfhios duit.

méarach: *a.* go méireanntaibh. Is tú is cam-mhéaraighe amuigh, an bhféadfa aon rud do chongbháil díreach leo .i. cor ionta: gach aon rud do ghníd is go haindeis é. Aon rud a gheibheas idir a lámhaibh lé déanamh deineann é go cruinn-mhéarach: gasta: gan aon rud d'imtheacht uatha ná a lat leó. Rug sé greim docht-mhéarach ar dhá thaobh brollaigh orm, ná féadfainn a chrúcaidhe do bhogadh asam: greim teann aca. Rugadh ar an gcuma san é, cosa dlúth-mhéarach air .i. gan aon ladhar ná slighe eatartha. Bíonn an gormán níos fad-mhéaraighe 'ná an fear bán: méireannta áitrighthe lé faid. Agus deirir go bhfuilid go léir air? shaoileas riamh go raibh sé easnamh-mhéarach: cuid aca do bheith de dhíth air. B'ait leat na lámha beaga, gearr-mhéaracha atá air: stumpaidhe beaga. Táir garbh-mhéarach thar ceart leis an gcneadh-san: teangmháil gan chneastacht leó agat léi. Bean ghlan-mhéarach ná teimhealóchadh aon rud go mbainfeadh leis: néata, niamhair. Ceóltóir grinn-mhéarach ar an bheidhlín dob eadh é gurbh aoibhinn leat do bheith ag éisteacht leis: taithneamhach, glé: ábalta ar cheól breágh do dhéanamh. Ceann aca níor chaill sé, tá sé lán-mhéarach: a chion ceart aige dhíobh. Leathan- (láidir- etc.) mhéarach. Ionnramháil go lag-mhéarach me táim an-thinn: cneasta leó. Cómhartha áilne ar mhnaoi í do bheith leabhair-mhéarach: méireannta slíme, córacha, líomhtha aice. Ránguigh sé ró-lúth-mhéarach dom agus bhí greim beartha aige ar an sparán rómham: tapaidh asta. Beir air! maran marbh-mhéarach ataoi, budh dhóigh lé duine gur barraliobar do bheadh ort: gan aon phraitineamhlacht ionta. Táim slán-mhéarach d'aindeóin an úird ghom bhualadh: níl aon rud as an slighe ortha. Thugas fé ndeara é do bheith scar-mhéarach: slighe mhór idir gach aon dá cheann.

mearach: *a.* tógtha, lasánta, buileamhail. Choidhche ní éireóchaidh leis ameasc daoine, bíonn sé ró-mhearach in áiteamh nó in argóint: sothógtha: neamhfhoidhneach. Aon fhocal amháin in aghaidh a dúthaighe is sin é mearach é: anáirde san aer. An fharraige mhearach gur dhóigh leat go mbeadh agam innte ar an nglór 'san fothram atá aice: buileamhail, fiadhain.

méaracán: *f.1.* caipín beag miotail, cnámha etc. chun cosanta na méire ag fuagháil; a lán de bheathuisce. Dhéanfadh sé chómh maith lé fear (na) méaracán: aon Tadhg nó Traolach. Fear na méaracán an fear a imreas cleas lé trí méaracánaibh do chur ghill le héinne ná féadfadh a dhéanamh amach céaca díobh go mbeadh gráinne piseánaighe i bhfolach fé tréis a ionnramhála 'sa aistriughadh go cliste, pras ó cheann ceann. Ná cuir an iomad chugham, déanfaidh lán méaracáin me, níl aon iomchar agam air: braoinín. Captaen áitrighthe báid é, oiread agus lán méaracáin ní thógfad bád i bhfarraige aige .i. díl sáile! Tá sé gach aon órdlach chómh glic lé fear na méaracán: cliste, mealltach. Méaracáin dhearga: plannda fiadhain árd go mórán bláth. Baintear cogus nimhneach leighis as an méaracán corcra lé haghaidh teannadh fola do bhrostughadh. Tá do mhiosúr, do mhéaracán, is do chailc agat .i. gach aon rud a oireas duit.

mearacht: (**mireacht**) *b.3.* luas, tapamhlacht, neamh-ruthag. Cár imthigh do mhearacht? táir chómh mall le slimide: éascaidheacht, praitineamhlacht. Ná tagadh aon mhearacht ort agus seadh is fearr do dhéanfair: lánrith. Is mór an mhearacht chéille dhuit bheith ag cuimhneamh ar scaoileadh fén bhfarraige sa bhfiadhantas san: ceal stuidéir.

mearaidhe: *b.4.* mearbhall iomchair, fuadair, buile, dul amugha, dásacht; sultmhaire. Nílim ar mire ná ar mearaidhe: ar aiste ghirréisigh ná aon rud dhá dhéanamh agam ná tuigim. Cuireadh ar mearaidhe chómh mór san me in achrann na háite ná feadar cad é an taobh go n-iompóchainn: amugha: baineadh dem threóir me. Is mór mar bhíonn éinne ar mearaidhe a leanas d'ólachán, is an díoghbháil chómh soiléir do: gan a thuigsint cheart: as an slighe. Ag leigeant air atá sé, is beag dá mhearaidhe air sin ná gur b'eól do cad is bun léd ghlór: aineólas: mearbhall. Tá lár mo chroidhe clipighthe, cráidhte agat léd bhóithribh aite, táir ar mearaidhe ar fad anocht: imthighthe "bán glan" lé meidhréis. Aon rud nílim ábalta ar a dhéanamh i gceart, mearaidhthe an domhain uile dhá dhéanamh agam: dearmhadaidhe. Fan go machtnóchad, táim fé mhearaidhe agat .i. níl aon rud soiléir dom. Tá mearaidhthe ort is ní hé an chéad uair agat é go bhfaghair oidhreacht ná fuil aon bhuannacht agat air: síor-ghéilleadh do rud ná fuil aon bhun ná deallramh leis: ghod mhealladh féin go gcreidir an rud is áit leat fhéin. Budh mhór an mhearaidhe dos na tíorthaibh beaga so cath do sheasamh lé cómhacht ná raibh dul ná deallramh go ndéanfaidís aon bheart 'n-a choinnibh: an t-easbhaidh tuigseana.

mearaidheacht: *b.3.* aiteas, dul amugha, buile, dearmhad, seachrán, tuaiplis. An lé mearaidheacht nó léd thoil a fhiafruighis di cad é an t-aos atá aice?: dearmhad: neamhthuigsint. Mearaidheacht dom an cárta san do chaitheamh, ní hé go raibh a fhonn orm: tuaiplis: ceal féachta rómham. Mearaidheacht mhór dho bheith ag caitheamh is gan gustal aige air: aiteas: dul amugha. Tá san imthighthe ar mearaidheacht ar fad do féin, ag déanamh a dhíoghbhála an uile lá: ar seachrán.

méaraidheacht: *b.3.* ag gabháil de mhéireanntaibh trí; ag breith ar leó etc., ladhráil. Ná bí ag méaraidheacht an ime sin (ar an ím sin) nó laitfir é: ag útamáil mhéar leis. Aon mhéaraidheacht ní bheidh agam i ngnóth éinne ach im ghnóth féin: láimhseáil. Earra an-lag, an-leóchaileach, seadh é, níl aon fhulang ar phuinn méaraidheachta aige: láimhseáil: ladhráil. Ná bí ag méaraidheacht ar mo phócaidhibh: ghá mbrath.

méarán: *f.1.* ceirtlín de shúgán chaol. Méarán deascáin: an úirlis lé n-a gcastar é: bíonn crúca amuigh air agus lámh thiar air.

mearbhall: *f.1.* seachrán incheann, dul amugha, meadhrán, bulabáisín sa cheann, earráid; díth meabhrach. An buille a fuair sé i gcródh an chinn chuirfeadh sé mearbhall ar tharbh: shuathfadh an ceann aige go mbeadh sé dá threóir. Tá mearbhall codlata orm, aon néal ní dheárna lé trí oidhche: meadhrán im cheann dá cheal. Níor thuigeas i gceart cad dubharthas liom mar ná rabhas ach tar éis dúiste, is bhí mearbhall an chodlata orm fós: suaidhteacht: ní raibh an inchinn glan, glé. "Bíonn an mearbhall ann", deirtear nuair dheineann duine rud díth céille: dearmhad, dul amugha dá aindeóin etc. Ní fhéadfainn aon rinnce do dhéanamh mar ná fuil fulang gem cheann ar chasadh tímcheall ge mearbhall ann: meadhbhán: bíonn sé ar snámh dá dheascaibh: an mhotháilt neamhshocair sin sa cheann gur dhóigh lé duine go mbíonn an saoghal mór 'n-a thímcheall ag casadh. Is cuma liom cad imtheóchadh ortha níl aon phioc dá mhearbhall orm: aon bhuaidhreamh ní dhéineann t'iomard dom. "An eól duit go bhfuil olc agam chughat?" "aon mhearbhall 'n-a thaobh níl orm": is eól. B'fhéidir mara leigfeá dom-sa go gcuirfinn mearbhall ort: go ngoirteóchainn thu. Cad é an mearbhall so anois ort ná fanfadh socair?: aiteas, cad atá bun os cionn leat? Dhearmhadas mo thuicéad; connus raghad isteach anois? tá an mearbhall ghom leanamhaint riamh: ceal cuimhnte. Fé neamh dom ní fhéadfainn cuimhneamh ar fáth an ghuil ar fad is me ag druideam leis, ach mo mhairg, ní fada fágadh 'n-a mhearbhall me go ndubharthas liom gurbh é mo mhac a bhí ar lár: 'n-a amhras. Ná bíodh aon mhearbhall ort ná go mbead-sa ann mar gheallas: suaidhteacht aigne. Leis an mearbhall dighe a bhí air ní raibh eólas a bheart aige: an ceal cuimhnte is léargais inntine a leanas í. Chuaidh mearbhall an airgid a chaill sé suas 'on cheann aige: an buaidreamh a lean é. Ní mór go rabhas ábalta ar sheasamh ar an dtalamh tirim lé mearbhall na farraige: an meadhbhán 'san tsuaidhteacht do chuir sí im cheann. Táir ag déanamh an-mhearbhaill dom an chuma ait gan chrích go bhfuilir ag caitheamh do shaoghail: suathadh incheann. Mearbhall ar fad seadh anois sinn – an gcoingbheócham ár ngreim lé súil fóirtheana nó an dtabharfam iarracht ar ár slighe do throid amach?: i gcantaibh cheart. Níl sé 'n-a mhearbhall ná n-a dhíth céille air sin, dúmas é sin ar fad chun an tsaoghail do bhreith bog leis: níl aon rud doiléir air: níl aon scamall air. Ná bí ag cur mearbhaill ort féin leis, ní fiú leath an duaidh é: suathadh nó buaidhreamh aigne. Ná faigh mearbhall do leath bhuaidhrimh an tsaoghail 'sis fearrde do shláinte é: ná leig dóibh dul 'n-a luighe ort. A bhuachaill, an stiúrófá me ar an mbealach ceart? táim ar mearbhall eolais: dulta ar an mbóthar mícheart. Cad é an mearbhall smaointe a bhí ort is a rádh gurbh é Tráighlí an baile budh shia siar san Eóraip?: seachrán machtnaimh. Sin guna nách fíor-urchair mhearbhaill do chaitheann sé: fáin: ní chaitheann sé díreach. Caithfear mo mhalairt-se d'fhagháil chun na gcunntaisidhe seo do réidhteach, táid dulta chun mearbhaill orm-sa: san eagar: iad in achrann a chéile. Ná labhair gíocs anois faid is bhead ag gabháil don rud crosta so, nó cuirfir ar mearbhall me: bun os cionn: amugha. Admhóchad go leanann mearbhall obair cinn ná leanann obair láimhe: suathadh: aimhréidhe: duadh incheann. "Cad é an mearbhall atá anois ort?" – "mearbhall mo mhná": buaidhreamh 'n-a taobh. Lé corp mearbhaill fén gcladach suas do thug an rón tar éis a bhuailte in ionad tabhairt fén muir amach: míthreóir. Ar fhéachaint síos chuirfeadh aoirde na faille mearbhall ort (id cheann): an mhotháilt mheadhráin nó an snámh cinn go minic go leanann fainne é: an saghas braithstinte a leanas breóidhteacht fharraige. Duine gur mó bhíos cúirimidhe

dhaoine eile ag déanamh buadhartha dho ’ná a ghnóthaidhe féin deirtear leis, “is iomdha rud a dheineas mearbhall do” .i. a ghabhas a aigne gan ghábhadh. Má tá mearbhall in aon rud ar an saoghal so is i gceódh é, cé hé ná dallfadh sé?: mearughadh: cur amugha: fighreán cinn: meascán mearaidhe: gach iarracht ar eólas do dhéanamh as ’n-a phraisigh. Nár chuiridh Dia aon mhearbhall orainn go ndéinimís rud as an slighe: clampar incheann. Ní fuláir nó tá sé an-bhreóidhte ar an mearbhall úrlabhra atá air: speabhraoididhe cainnte. Nuair budh dhóigh leat seisean do bheith ag gabháil soir is ag gabháil siar do bhíonn sé, níl aon mhearbhall céille ar an mbarránach: níl dul amugha ná seachrán ar a mheabhair ná a éifeacht.

mearbhallach: *a.* clamparach, díthreórach, seachránach, tuaipliseach, meadhránach, mearuightheach, mí-eólas, seachmallach, dallta, neamh-éifeachtamhail. Is me duine is mearbhallaighe beó, ní fheadar cá bhfágaim aon rud do chuirim tharm as mo láimh: dearmhadach trí doiléireacht machtnaimh. Ar dhuine gan taithighe tagann gach aon rud mearbhallach ar dtúis: doiléir: is furaiste a chur amugha nó gan an rud ceart do dhéanamh. Is mise a bhí mearbhallach gan amhras i dtaobh é do chúisiughadh gan deimhnightheacht agam ar an raibh cionntach nó ná raibh: in earráid: amuigh: as an slighe. Suidhtear annsan é go dtagaidh sé chuige féin tá ceann mearbhallach gen ndigh: meadhrán ann: neamh-léargas machtnaimh. Nách mearbhallach a éirigh sé dhuit do sparán d’fhágaint id dhiaidh: dearmhadach. Thuit ceódh trom, mearbhallach orainn a bhain radharc na talmhan dínn is nár bh’fheas dúinn soir seachas siar: dalltach: mearuightheach: i ndan iomrall slighe is incheann do chur ar dhuine. Nuair théigheann daradha in achrann bíonn sé árd-mhearbhallach a réidhteach: an-dhall ar an éifeacht connus tá air. B’é deasca an olacháin aige go raibh sé ag imtheacht go mearbhallach ar fuaid an bhaile mhóir: gan é léir ’n-a cheann cá raibh a threó ná connus bhí a bheart. Féachaint ó bharr faille aoirde, casadh obann tímcheall, breóidhteacht fharraige nó buille trom i gcúl an chinn bíd an-mhearbhallach: cuirid an ceann ar snámh i dtreó go n-imthigheann fuaimeant seasta as. Scéal ró-mhearbhallach é ná faghaim a thúis ná a dheiridh, aon tátall ní fhéadfá do bhaint as: trí chéile: meascuighthe. As an dtaithighe go léir d’éirigh sé an-mhearbhallach dóibh nár fheadadar béal an chuain d’aimsiughadh: mearuightheach: dall-éifeachtach: doiléir dá dtuigsint. Pian mearbhallach i gcúl mo chinn .i. a scaipeas suathadh is meadhrán ar fuaid mo chúil. An bheirt aca tar éis a dtighe féin d’fhágaint chun dul ar thuairisc a chéile ar chúram tábhachtach is ghabhadar thar n-a chéile gan ach beannughadh, nách mearbhallach a thárla dóibh!: ait, dearmhadach. Tar éis é do threascairt an cúigeamhadh feacht d’éirigh sé go grogach is d’ionsaidh an fear eile go mearbhallach: gan eólas cruinn ná léir aige cá mbuailfeadh sé é má dhéanfadh in ao’chor. Is mearbhallaighe go mór do bheadh póitire an bheathuisce ’ná póitire an leanna duibhe: is mó bheadh éifeacht a chinn caillte aige dá dheascaibh. Is mearbhallach an rud d’aon fhear amháin leis long ’sa foireann do choimeád fé riar is stiúradh: clamparach .i. oireann sé dho mórán éifeachta is fuaimeanta do bheith aige. Nách iongtach, éachtach an mheabhair chinn do thug Dia dho go dtagann gach aon rud go neamh-mearbhallach air: gan aon duadh machtnaimh ná déanta. Is gnáthach leis an dream a bhíos ’n-a ndiaidh sa bhaile bheith an-mhearbhallach i dtaobh na n-iascairidhe: go mbíd ag cur buadhartha is tinnis ortha. Má tá glaoidhte go géibhinneach in aon áit amháin orm indiugh tá i bhfiche áit, is mearbhallach an lá agam é: cráidhte, ciapuighthe gen iomad cúirim. Beir leat gur rud mearbhallach airgead daoine eile do bheith ar iomchar agat, ná feadraís ón uair go

dtín nóimint cad éireóchadh do: suaidhte ar an inchinn. Fuaireas tuiteam mearbhallach ná feadar cá rabhas go lár n-a bháireach .i. a bhain an mheabhair is an chuimhne as mo cheann.

mearbhallacht: *b.3.* an aiste, nó stáid bheith mearbhallach. Bead i gceart i gcionn leathuairín, mearbhallacht na doircheachta atá ag teacht liom tar éis an tsolais d'fhágaint: an cur amugha atá ann: an doiléire meabhrach. Ar an mearbhallacht atá orm gen gcúnntas so, beidh orm é do chaitheamh uaim is a thabhairt do dhuine éigin eile: an cur trí chéile atá curtha aige ar mo mheabhair chinn. Ní lé n-a thoil a bhí sé ag eascuinghe in ao'chor ach le mearbhallacht na breóidhteachta: an meadhrán do chuir sí air. Mearbhallacht éigin ar an madra san go bhfuil sé ag casadh tímcheall: iomard ar an inchinn aige ná féadfadh fanacht fuaimeantamhail ar a chosaibh. Mearbhallacht ar fad seadh an tigh gen ndroichscéal so, ní fheadar neach cad tá aige dhá dhéanamh: gach aon rud tóin thar ceann. Cad í an mhearbhallacht so ort ná féadfá an doras do bhaint amach?: an neamhfhuaimeant incheann: ceal éifeachta. Mearbhallacht bhás a clainne do bheir di í féin d'ídeach: an neamh-éifeacht a lean iad.

meardha: *a. n-dh.* tapaidh, pras, bríoghmhar, beó, girréiseach, buileamhail. Riamh adubhairt sé liom nár bhraith sé chómh meardha 'n-a chnámhaibh, dar leis, do léimfeadh sé thar tigh duit: beó, anamamhail. Táim ag brughadh ar mo thrí fichid is brathaim chómh meardha agus ná beinn ach in aois a fiche le hanam is lé fonn: bríoghmhar. Bhíodh sé chómh meardha tráthnóna Dé Sathairn agat tar éis seachtmhaine cruaidhe oibre is bhíodh ar maidin Dé Luain: lán de cheól, beó aibidh i ngach ball dá chrop. Dréir na bpáipéar, más fíor, tá an tír bheag ag cosc na namhad go meardha: fiadhain, láidir, soi-mheisnigh. An fharraige mheardha ag dul go féar glas b'ait leat go gciúnóchadh sí choidhche: fraochda. Gach aon léim as a chorp aige nuair bhíonn sé lé digh, bíonn sé chómh meardha is go mbíonn sé conntabharthach: imthighthe bán gan mheabhair.

meardhacht: *b.3.* tapamhlacht, bríoghmhaireacht, mireacht, buileamhlacht. Lán de mheardhacht atá sé fós dá aosta é, ag obair 'sag gnóth ar nós an fhir óig: d'anamamhlacht. Lé corp meardhachta do bhí an geata bainte amach aige ar an dtarbh: tapamhlacht. Meardhacht éigin indiugh air ná féadfadh duine féachaint cam air gan olc is tuaisceartacht do theacht air: builе: cuthach. Tá meardhacht ort bheith ag dul chun dlighe leó, iad ró-láidir duit is tú ró-bhocht: díth céille.

meargach: *a.* feargach, crosta, goirgeach, "tógtha", do-shásta, cráidhte. Ná bí meargach lé héinne má fhéadair é, ní théigheann rogha ón réidhteach: gruamdha, aingciseach. Cad do chuir an chuma mheargach air? ar an aiste go bhfuil sé anois níor mhaith "haf san" do rádh leis: crosta goirgeach nár leóimhte d'éinne a bhéal d'oscailt chuige. Budh mheargaighe go mór é nuair bhíodh sé ar a chéill 'ná nuair bhíodh braon fé bhfiacail aige, is annsan do bhíodh an sult ann: budh thuaisceartaighe. Dhearmhad an cléireach na leitreacha do chur i bpost is bhí an saoiste meargach: "tógtha", lasta chun feirge. Admhuighim go bhfuilim meargach indiugh, mar ná brathaim ar fóghnamh: goirgeach: cráidhte: doshásta.

meargach: *f.1.* duine gruamdha, tuaisceartach, toilc, neamh-chaoin. Nách é an meargach é ná féadfadh focal síbhialta do thabhairt i bhfreagra ar dhuine. Dá mhéid do bheadh 'n-a choinne is dá dhéine beifí ag dul air ní stríocfadh an meargach órdlach: dúr, dána, doighéillte.

meargaighe: *b.4.* gruamdhacht, tuaisceartacht, daibhceacht. Aon bhuachaill aimsire a bhíos aige ní fhéadfadh bruic leis lé n-a mheargaighe gan aige ortha ach snap is eascaine is béiceach: goirgighe: ceal cneastachta. An mheargaighe chéadna i gcómhnaidhe, míoshástacht, is ulfartach ar gach cor go maidean: mí-chneastacht: tuaisceartacht: neamhfhonn coidrimh. Ní raibh sé de mhisneach ag éinne aca dul 'n-a ghoire agus an iasacht do lorg air lé n-a mheargaighe: an fhusacht é do lasughadh chun feirge: aingciseacht nádúrdha.

meargódh: *f.1.* mearbhall aigne, inntine, cur as, carbhuaic. Sin ceist atá ag déanamh meargóidh dom cé gur cuma liom mar gheall ar a réidhteach: clampair incheann .i. bíonn sí ag teacht 'sag imtheacht im aigne ghom ghriogadh. Tá meargódh éigin ar an eagarthóir sin ná féadfadh sé leigeant don nGaedhealaing gan bheith gá hionsaidhe ar gach cor: clampar incheann curtha aice air. Táir ró-chúramach, ró-ghabhtha anois chun bheith ag baint cainnte asat, ní chuirfead aon mheargódh ort: aon chur isteach: teacht treasna. Cúirimidhe ar mhuin druinne orm is ná feadar céaca dhéanfainn ar dtúis do chuireadar meargódh orm: mearbhall: d'iompuigheadar m'inchinn síos suas. Dá mbeitheá marbh ar an gclár ní chuirfeá meargódh ar bith orm-sa, budh chuma liom céaca: buaidhreamh aigne.

meargughadh: *f.* (*-uighthe*) spochaireacht, cur fé, spriogadh, cathughadh. Cros Dé idir sinn agus é, sé an diabhal féin atá ag meargughadh fút is bheith ag cur bruighne ar dhuine gan chúis: ag spriogadh fút: ghod thafant chun uilc. Cheana féin tá sé lásanta, tógtha a dhóthain gan bheith ag meargughadh fé (air) lé cainnt easonóraigh: ag cur fé: ghá ghriogadh: ag spochaireacht air. Nách dóigh leat ná gur mór an meargughadh don gcléireach bainnc sin na cruacha airgid bheith ag gabháil trí n-a mhéireanntaibh ar an gcuma san gach aon lá: cathughadh, spriogadh chun a thógtha. Dhein an mac mallachtain meargughadh chómh mór san fé gur mhairbh sé a mháthair ar son a cuid airgid: cathughadh: spriogadh chun uilc nó urchóide. Is mór an meargughadh áilne mná, is minic do bhain na céadta dá dtreóir: bréagadh chun a dtubaiste.

mearguighim: *b.a.* spriogaim, cathuighim, bréagaim, meallaim chun díthe; spochaim. Do mhearguigh an diabhal chómh mór san é gur fhan sé ar thí an duine bhoicht chun a mharbhtha is a chuid airgid do bheith aige: do ghríosuigh chun an uilc do dhéanamh. Ná mearguigh anois me, tá buadhairt mo dhóthain cheana orm: ná déin spochaireacht orm: ná fearguigh me. Nuair iarradh orm, gan choinne leis, labhairt leis an mathshluagh áidhbhéil, is gan taithighe ar óráididheacht agam ach an oiread, mearuigheadh me ná feadar cad déarfainn: baineadh mo mheabhraidheacht dá treóir. B'fhada uaidh siúd aonnidh náireach do dhéanamh ach gur mearguigheadh go ró-mhór fé: cuireadh suas é: gríosadh é. Níor mearguigheadh in ao'chor é, níor ghábhadh é, tá súd tapaidh teasaidh a dhóthain cheana: níor spochadh é: níor spriogadh: níor tafantadh chun gnímh é. Nár mhearguighidh an t-áidhbhéirseoir sinn: nár chathuighidh.

mearguighthe: *a.r.* tógtha, spriogtha, cathuighthe, gríosuighthe. Má bhí duine mearguighthe riamh ag aonnidh is mise é gen méir thinn, thubaistigh seo, trácht thar phian: clipighthe, ciapuighthe: ar bruach báine. Fuair sé an oiread san easmailte is tarcuisne nár bh'aon iongadh é do bheith mearguighthe, is furaiste é do chur chun seigheamhta: tógtha: fearguighthe. Is ait an nádúir an duine nuair bhíonn sé mearguighthe go n-imthigheann an mheabhair chinn is gur cuma leis: lonnuighthe: greannuighthe: adhanta: a shuaimhneas aigne suaidhte.

méirneáil: *b.3.* bairghis; teine ghealáin, solas lag gan teas, sa tsáile, ar éisceannaibh, feichididhe etc. Iasc méirneála .i. bairghise .i. a bhíos ag cur gealáin uaidh ag rathaidheacht san uisce. Tá méirneáil éigin sa tseómra san ort. Cad tá uait?: útamáil: ag cuardach fés na méireanntaibh. Beidh iasc ar méirneáil (beidh méirneáil ar an iasc) anocht: ag gluaiseacht tríd an uisce is teine ghealáin aige. Páirc mhéirneála: mórán éisc ar méirneáil.

méaróg: *b.2.* púirín (chloiche), púróg bheag chruinn; caitheamh cloiche laistíos .i. an uille ar aon rian leis an gcromán; an chloch do caithtear mar sin; ceirtlín beag súgáin. Céagainn is sia méaróg?: is sia caitheamh laistíos. Scaoil méaróg leis an ainmhidhe sin .i. caith cloch air. Is fada ó bhaile an t-urchar méaróige é: caitheamh maith. Cuirtear dhó nó trí mhéarógaibh ar an gcoca nó séidfear é: ceirtlínidhe beaga súgáin tighe nó siopa (ruadh). Níl ionta ach méaróga chun tighe do thógaint: clocha ró-mhiona.

méaróigín: *b.4.* cloichín; ceirtlínín. Rugas ar mhéaróigín gur shaoileas ná raibh aon díoghbháil a caitheamh ar aon rud lé n-a luighead. Déin méaróigín den mblúire dharadha san: ceirtlín bheag.

mearughadh: *f.* (*-uighthe*) cur amugha, dalladh, sárughadh; seachrán, míothuigsint; buile. Cad é an mearughadh atá orm ná faghaim aon rud do chuirim as mo láimh: mearbhall: dul amugha cuimhnte. Nár mhór an mearughadh é na saighdiúiridhe do mháirseáil tríd an ngleann gan eolas an raibh nó ná raibh an namhaid ar a dhá thaoibh: míothuigsint. Ná bíodh iontaoibh agat as cad dhéanfadh duine nuair bhíonn mearughadh meisce air: ar díth eolais a bheart. Cúis mhearuighthe dhom bheith ag cainnt liom is me ag scríobh: me do chur ar seachrán ar mo chuid oibre. Mearughadh breitheamhantais dom gan eólas staid aigne mhuinntir an cheanntair do chur sara ndeaghas ar a dtrócaire: locht is dearmhad teacht ar aigne áirighthe. B'fhada fé mhearughadh an seanduine saidhbhir aice gur fhág sé lé hudhacht a raibh aige aice: ar seachrán: 'n-a luighe aige air féin an rud budh mhian leis do chreideamhaint: dallamallóg tagtha air. Is amhlaidh ataoi ag mearughadh an chapaill bheith ag gabháil air, ná tabharfá suaimhneas: ghá chur as a threóir chun stailce is curtha suas d'aon rud do dhéanamh.

méarughadh: *f.* (*-uighthe*) do theangmháil méar, do chimilt mhéar, do láimhseáil. Ní bhfaghadh sé a shláinte gan bheith ag méarughadh ar rud éigin: láimhseáil, teangmháil lé. Budh ghearr an mhoill air sin méarughadh ar do phócaidhibh: iad do phriocadh. Deirtí ná raibh mórán gur bh'fhéidir leó an bheidhlín do mhéarughadh chómh héascaidh ceólmhar

leis an g"Cnagaire": gluaiseacht chliste na méar ag seimint. Níl san lé méarughadh ag éinne faid bheadh uaidh: láimhseáil: cruisteach ná bíodh ag neach air.

mearuighim: *b.a.* $_7$ *n-a.* cuirim mearbhall ar; corruighim, sáruighim, cuirim amugha, ar buile. An iomad cainnte ag cúl-chearrbhaigh a mhearuigh mé chun an chárta san do chaitheamh: a chuir amugha me: a shuaidh m'inchinn chómh mór san gurb é an rud mícheart do dheineas. Shaoil sé go raibh an tslaid aige, is na cosa nuair ná raibh neach tímcheall, ach dhún an doras air is bhí sé i ndraip, sin mar mearuigheadh é: sáruigheadh a bhearta. Cad mhearuigh duit teacht annso i gcuan do mharbhtha, budh chóir go mbeadh a fhios agat: a bhain do mheabhair shaoghalta chómh mhór san díot. Níl aon rud is mó a mhearóchaidh anois é ach a rádh leis gur chualathas ná faghadh sé oiread agus guth amháin sa cheanntar, mar tá sé deimhnightheach go bhfuil gach éinne ar a thaoibh: a cuirfidh strán, buile air. Tá an oiread san dulta 'n-a choinnibh anois lé deireannaighe ar ghach slighe gur baoghalach go mearóchaidh sé, mar ná raibh sé ró-stuidéartha roim ré: go raghaidh sé le báinighe. Leigtear do féin, níl an tsláinte ar fheabhas aige, is mearuigheann an rud is lugha é: cuireann trí chéile. An dóigh leat go mearóchadh sé mise olc do bheith ag scraiste mar thusa dom?: go gcorróchadh m'aigne.

méaruighim: *b.a.* útamálaim leis na méireannaibh, teangmhaim lé. Má mhéaruighir an t-ím leóchaileach san laitfir é, tóg do lámha uaidh: má bhír ag teangmháil do mhéar leis nó ag útamáil. Ní bheadh sé sásta go méaróchadh sé an sean-chlog, féach anois an clódh atá 'n-a dhiaidh air. Méaruigh go deas, aicillidhe an plána gloine sin nó má stroilleann sé uait, teoit!: láimhseáil go cúramach, críochnamhail é. Ná méaruigh an chneadh san, tá sí chomh tinn lé neascóid: ná buail barra méire uirthe.

mearuighthe: *a.r.* dallta amach, fé mhearbhall, sáruighthe, curtha amugha. An lámh chártaidhe atá anois agam, táim mearuighthe aca i slighe is ná feadar céaca chaithfinn: suaidhte: curtha de threóir imeartha. Chómh mearuighthe san gen gceódh ná feadradar cá treó ná ball go rabhadar is gur éirigheadar suas de rámhaidheacht in éadóchas: dallta amach: gan fuascailt i nguaise ar a gcumas trí cheal eólais. Ar mh'anam go bhfuilim mearuighthe gen gcainnt atá ráidhte agat, níor shaoileas riamh go raibh sé de shuarachas ionat trácht ar neach chómh droich-mheastamhail sin: iongadh mo chroidhe curtha orm. Ní bheadh sibh sásta go mbeadh sé mearuighthe agaibh, ghá spriogadh chun san do dhéanamh: gríosuighthe: cómhairlighthe chun díthe do dhéanamh.

mearuightheóir: *f.3.* sáruightheóir, "marbhthóir", gríosuightheóir, duine nó rud a dhallfadh thu; buaidhirtheóir. Mearuigtheóiridhe cártaidhe atá agam, táim glan amach as mo mheabhair aca, measaim iad go léir do chaitheamh in aonfheacht uaim!: dallann siad me ná feadar connus iad d'imirt. Mearuigtheóir duine seadh é, ní fheadair éinne cá mbíonn a chúram ná a thriall: ná féadfá dul amach air. As féin ní dhéanfadh sé choidhche rud chómh hait, amadántamhail leis gan mearuigtheóiridhe mío-chómhairle do bheith air: daoine a bhí ag spochaireacht 'sag séideadh fé go glic.

meas: *f.3.* ($_7$ *–ta*) urraim, áird, spéis, éileamh, suim, gradam; beann; breitheamhantas, baramhal, ceapadh; machtnamh, smaoineamh, breithniughadh, infhiúchadh; tómhas, do chur (bualadh) a luacha ar; luach-chuimse; práidhinn; cáil; deagh-ainm. Mara mbeidh

meas ag éinne ort bíodh sé agat féin ort féin: urraim: áird: an tsuim is dual do dhuine. Dá mbeadh meas fir aige air féin ní chlisfeadh sé ort tréis geallamhna dhuit: an méid is fiú lé fear é fein. Meas madra ní bheadh agam ar neach a thabharfadh a chúl d'athair ná do mháthair: urraim .i. an déanamh a bheadh tuillte ag madra dar liom go mbeadh sé maith a dhóthain do: táir. Tá dearmhad mór ort níl aon mheas fúm ach tá meas agam orm féin .i. níl aon éirghe anáirde fúm, ach tá im aigne im thaobh féin go bhfuilim chómh maith lé cách is ná déanfainn faic neamh-fhearamhail. Cé go bhfuil meas mór agam ortha féin, 'on diabhal meas agam ar a dtuairmidhibh poilitidheachta: dar liom nách maith ná cóir iad. Thuill sé meas gach éinne lé n-a fheabhas agus a mhaitheasaidhe: urraim: in aigne gach éinne budh mhór aca é. Ní bhíonn aon mheas ar bhláthaigh i láthair leamhnachta: aon éileamh: caitheamh 'n-a diaidh. Dá aoirde atá do hata ar do chúl agat bainfear smut den meas díot fós: an mhóraidheacht is an tóirtéis atá agat asat féin os chionn chách. An lé meas ort féin a bhír ag cainnt chómh bladhgarach san?: an dtuigtear duit gur fearr thu 'ná cách? Ní meas go dtí mar tá aige air féin ó thuit an t-airgead úd air: in iomchar 'sin imtheacht bíonn sé d'iarraidh a fhoillsiughadh ná fuil éinne mar é. Ní bhfuair sé aon mheas uatha, b'éigean do a dtréigean: níor thugadar aon áird air: níor thógadar an ceann de a shaoil sé budh chóir do thógaint de. Níl aon mheas ar iasc indiugh: aon tógaint ná ceannach. Lé meas ort shnámhfainn an fharraige mhór duit: gradam: taidhbhsighir chómh hárd san im aigne dhom. D'imthigh cuid den mheas, níl gluaisteáin ná ragairne ghrinn againn mar bhíodh: an t-éirghe anáirde. As mo mheas air seadh dheineas an mhaitheas san do: a mhéid a bhí sé agam. Cad é do mheas orainn? nách dóigh leat go bhfuilimíd ann go toghtha?: cad tuigtear duit 'n-ár dtaobh? Bheadh árd-mheas choidhche agam ort ón lá do chonnac thú ag taobhughadh lé fear go raibh leathtrom dhá dhéanamh air: urraim mhór: thabharfainn duit ionad árd im aigne. Beag-mheas dhuit seanduine do tharcuisniughadh: ní haon mholadh dot fheabhas d'fhear é. Ná bí ag cur mí-mheasa agat ort féin lé cómhluadar do dhéanamh lé dream nách fiú salachar do bhróige iad: ag tarrac droch-cháile ort féin. Lé dí-mheas air, an t-aindeiseóir níor thóg éinne aon cheann de: táir: beag is fiú. Ní bheinn ag tabhairt droich-mheasa dhom féin freagra do thabhairt ar theallaire mar thu: ghom ísliughadh féin i súilibh daoine. Cad é an meas atá ar an dtigh sin?: cad tá áirmhighthe 'n-a luach air chun íoca do bhualadh dá réir. Cuireadh triúr ag meas na talmhan go socrófí cad budh chomhthrom do thabhairt air: gha bhreithniughadh féachaint cad dob fhiú é. Ní túisce thána i láthair ná thugas fé ndeara duine géar ann ghom mheas: ag tógaint mo thuise: ghom scrúdughadh chun a bharamhla do cheapadh orm. Bír-se do shíor, 'sis mór an locht ort é, ag meas cách dod réir féin: ghá dtómhas it aigne: ag cur teórann áirighthe leis an méid is fiú iad. A shuaracháin gan mheas ort féin, ná bí ag tnúth le héinne: gan fearamhlacht ná galántacht: gan an aird budh cheart ar t'iomchar, t'imtheacht dod chlú, dod cháil, dod mhórdháil, dod stuaim. Toisc ná rinnis mar bhí tuairm aige asat meas mí-cheadfach atá aige ort: baramhal an-mhío-shásta. Meas fir éagconnta a bheadh agam ar neach a dhéanfadh rud maith do chaitheamh uaidh lé hionchas ruda is fearr: tuairm dí-céille. An bhfuil aon mheas orm-sa sa roinnt seo ná faghaim dada?: aon chuimhneamh orm. Riamh b'é mo mheas ort meas fódamhail, ach nuair chídhim tu an uile lá ag reic do choda ar chapaillibh ráis is conairt, tá sé athruighthe: ceapadh nó tuigsint go raibh fuaimeant leat. "Is mór an meas é go deimhin", deirtear nuair chídhtear tóirtéis fé dhuine: lán: éirghe anáirde: mustar nár dhual. Leig dóibh féin, caith meas leo: ná hísligh do stuaim 'n-a dtaobh. Cuirfead-sa meas aca san orm fós nó is díom do raghaidh: cuirfead iachall ortha urraim, áird, spéis is beann do

bheith aca orm. “An bhfuil a fhios agat ná gur fearr d’fhear me ar gach slighe ná tú?” – “leigim léd mheas e!”: fan ar an machtnamh san .i. ní fiú liom é do chómhrac leat. Cuireann an fharraige meas ges gach éinne uirthe: caithid géilleadh dá cómhacht is bheith aireach, cúramach dá réir. B’é meas na cúise gen mbreitheamh don gcoisde an bráighe do scaoileadh saor: an mheádhachtaint do rinne sé ar an bhfínéacht. Beidh meas ag Dia is ag duine ar an té a mhaireas macánta: árd ’n-a mhachtnamh.

measa: *c.bh.* ar olc, níos (is) deacra, dona, aindeisighe, de rogha, deacra a chailleamhaint déanamh gan etc. Neach eile ar domhan is measa liom ’ná thu níl ann .i. is mó chion air .i. is mó agam ’ná thú. Dá oilceas dhom an mháchail atá ar mo chois is measa liom iomard mo shúl go mór mar is í is íogaire agus is piantamhla: is mó an mearughadh dhom í: is í is mó go bhfuilim eaglach roimpe. Budh mheasa leis an athair é ’ná an chuid eile den gclainn ar fad .i. budh mhó a chion: is mó an t-imshníomh do bhíodh air ’n-a thaobh. Is measa leat daoine eile ’ná mise ach b’fhéidir nár mheasa dhuit dá mbeireadh cruaidh ort: is mó agat iad ach b’fhéidir nár bh’fhearr dhuit iad. Is mó orm an t-íoc ’ná an cíos: is truime thagann orm a íoc. Ní mise an té is measa chughat: ní mise is mó chun do díoghbhála. Is é is measa chun feóla (d’itheadh) dá bhfeaca riamh: ní mór é a fhoghail uirthe. Is í an tsláinte is measa agat chughat, thiocfá ón mbochtnacht: is í is mó a ghoilleas ort. Is amhlaidh mar atá an scéal aca nách measa Tadhg ’ná Traolach: is ionann olcas dóibh. Céaca is measa chun éithigh do stealladh, is deacair do rádh: is claoine leis. Is measa ar léim féin é ná ar rás: dá olcas é a chuid ráis is fearr ná a léim. Is measa ort-sa go mór an taisireacht so toisc na dathacha ’ná ar éinne eile: is mó do ghoilleann ort. Tar éis ar chúbláil sé chuige is measa as atá sé ’ná an té a fhan macánta: is boichte. Is measa uait-se é ’ná ó éinne eile, mar bheadh súil lé n-a mhalairt: is mó do luigheann sé ar dhuine. Is measa dhuit agat é ’ná uait: a sheilbh is mó bascadh dhuit. Gura measa ambáireach iad, sin í mo ghuidhe-se: gur mó a ndochar. An rámhaidhe is measa ar mhaide, is tu é: is dona. Anocht an oidhche is measa riamh ar iasc: an oiread lé luighead ní raibh ann roimhe seo. Níor mheasa dhuit próiseas báille ’ná sclaimh uaidh: bheadh sí chómh scannruightheach.

measadh: *f.* (*-sta*) ceapadh, machtnamh, tuairm, baramhal. Bhíos ghá mheasadh riamh gur bh’é Log na Coille an dara cnoc dob aoirde in Éirinn, ach ní hé: ghá cheapadh .i. sin é a bhí im cheann. Ní hag measadh ataoi, a bhruacháin, gur féidir leat pé rud is mian leat do dhéanamh annso: ag machtnamh. Lé méid a mheasta air féin raghadh sé i dtreis an duine is éachtaighe amuigh: an tuairm árd atá aige air féin. Ar mheasadh dhom go raibh an chathair fágtha agat ní dheárna a thuilleadh lorgaireachta ort: ghá cheapadh: ghá shaoileadh. An méid sin measta ní bheadh agam air, deir duine ag cnagadh a mhéar: tuairm dá mhaitheas. Bí ghá mheasadh i gcómhnaidhe gur ceart duit iontaoibh do chur as gach aon bhod-an-bhóthair beidh thiar ort: bí ghá cheapadh d’aindeóin gach díombáidh do cuirtear ort.

measadóir: (**meastóir**) *f.3.* breitheamh, meastóir, duine a bhuaileas luach lé rud. Measadóir capall dar leis gur eadh é .i. go bhfuil i ndán an luach ceart is fiú capaill do bhualadh leó ar iad do scrúdughadh: breitheamh capall. Cuir ath-mheasadóir ar an dtalamh b’árd leis an bhfeirmeóir an chéad mheastóireacht: duine a bhreithneóchadh go

beacht cad dob fhiú é. D'fhágfainn fé n-a thuairm siúd, measadóir maith ar fhilidheacht seadh é: breitheamh: dréir a eólais uirthe tuigeann sé an olc nó maith í.

measadóireacht: *b.3.* cúram measadóra; breathnóireacht. Is iongtach é thu chun measadóireachta ar gach éinne ach ort féin: scrúdughadh is breith do thabhairt. Aon chríoch chun measadóireachta talmhan ní raibh air, ní raibh a dhóthain tuisgeana i gcré aige: chun an méid dob fhiú í chun cíosa do chur uirthe do spriocadh.

measaim: *b.a.* machtnuighim, tuigtear dom, meádhaim, áirmhighim, smaoinim. Cad meastar leat i dtaobh an chogaidh?: connus is dóigh leat a rachfadh sé? Cad mheasann tú (a) dhéanamh?: cad tá fút? Cé mheasfadh an bás chómh luath dho?: cé shaoilfeadh é. An amhlaidh do mheasfá an duine do mharbhadh, é do bhualadh leis an arm san: an amhlaidh go mbeifeá ag cuimhneamh air? Tá an chathair dathad míle as so mar mheasaim: dréir mo thuairme. Measann sé dul id scórnaigh ar an gcúis is lugha: tagann san de theadh ann. Cár mheasais imtheacht oidhche díleann mar í seo? Ceap do shuaimhneas is fan annsan go maidean: i ndáiríribh an raibh fonn imtheachta ort? Dá dtuigtí do dhuine go mbeadh drochfhuadar fé dhuine eile chuige, déarfadh sé, "cad mheasfá?" .i. cad bheadh fonn ort do dhéanamh? An é mo chuid ar fad do mheasfá dhom do bhronnadh suas ort?: go mbeadh súil agat leis. Cad do mheasfá-sa don dtigh seo? – míle púnt?: cad é an luach comhthrom do chuirfeá leis? As an iothlainn do dhóghadh air do mheas an breitheamh dhá chéad púnt do: mhol sé an méid sin in éiric a dhochair. Meastar gur fear maith é sin eadrainne: sin é baramhal na ndaoine air. "Mheasais gur píopairidhe cuid aca", deirtear go searbhasach lé duine a mheasas rud gan éifeacht. "Mheasas gur scilling an rud bán san" – "mheasais gur tobac an tlúth is an drol!!!" .i. buailtear rudaidhe aite id cheann gan machtnamh do dhéanamh. Ní mheasfainn malairt an ruda chéadna san do: ní chuirfinn fé n-a thuairm. Mheas sé foghail an choirce ar chúig phúint: d'áirmhigh sé go raibh a luach san dochair déanta. "Cos as so liom ní chorróchaidh" – "measaim leat é": an dálta céadna agam-sa. Mheasas ort (ar an gcainnt a bhí agat etc.) go mbeifeá dár bhfágaint: cheapas: sin é tátall do bhaineas as. Cé mheasfadh ar an gclódh naomhtha a bhíonn air gurbh alfraits chómh mór san é: a cheapfadh.

meastamhail: (**measamhail**) *a.* creideamhnach, galánta, urramach, cáileamhail. Bí meastamhail ort féin i ngach áit dá ngeóbhair is beidh meas ort: bí galánta ar gach cor agus beart. Daoine meastamhla iad san nár chás duit t'anam do chur ar a n-iontaoibh: galánta. Budh mheastamhla go mór duit do bhéal do chongbháil 'n-a thost 'ná bheith ag tabhairt freagra ar tháthaire gan béasa: budh chreideamhnaighe dhuit: budh chuibhe dhuit. Táim an-mheastamhail ort, sé an fáth é a mhacánta agus a dhírighe do chaitheann tu do bheatha: urraim mhór agam duit. Sin í an chainnt is meastamhla dá gcuala lé fada: is mó go bhfuil fearamhlacht agus galántacht ag baint léi. Beir leat go bhfuilim-se meastamhail ar m'ainm agus ná déanfad aon rud a chuirfeadh teimheal uirthe: go bhfuil áird is cion agam uirthe. Is iomdha bheith mheastamhail air: tréithe nách nár maoidheamh asta.

meastamhlacht: *b.3.* galántacht, urramacht, cáileamhlacht, creideamhantas. Lé n-a mheastamhlacht gheóbhadh sé cáirde is creideamhaint in aon tigh ar an mbaile: leis an gcáil mhaith, ghalánta atá air. Bíodh meastamhlacht ag duine féin air féin 'sis cuma dho cad é tuairmidhe dhaoine eile: bíodh sé imshníomhach i dtaobh a chlúidh 'sa cháile. An

mheastamhlacht atá ag dul don sean-aois níor cheart don óige a dearmhad: onóir: urramacht.

measán: *f.1.* peata madra. Táir id mheasáinín ged mham: peata críochnuighthe.

measardha: *a. n-dh.* cuibheasach, meádhonach, riaghalta, stuamdha, tréadhnach. "A bhuidhe lé Dia is leat-sa, tá an tsláinte go measardha agam": cuibheasach maith: ar shlighe nách cóir gearán. Má ólann sé go minic féin is go measardha é, ní fheicfeá choidhche rian na dighe air: gan dul thar cailc: caitheann ciall leis. Níl an aimsir ach go measardha, ní mór di a feabhas: cuibheasach maith: gan faic lé maoidheamh aice. Ar shiubhal measardha shroichfeá an áit i gcionn trí huaire an chluig: siubhal ann as. Bí measardha leis, ná bí dian: cuir srian leat féin.

measardhacht: *b.3.* meádhonaidheacht, ciallmhaireacht, tréadhanas, stuidéarthacht, buige (aoir). Bíodh measardhacht leat is ná déin sutha muice dhíot féin ag ól mar sin: meádhonaidheacht. Machtnuigh go maith sara labhrair is bíodh measardhacht léd ráidhtibh: cuibheas: ná habair aon rud go mbeifeá ina aithreachas nó a thabharfadh masla. Daoine measardhachta seadh na Spáinnigh deirtear gur náire leo éinne d'fheicsint ar meisce: stuidéartha: meádhonaidheacht dighe ag baint leó. Taithnigheann an ball go háluinn liom lé n-a mheasardhacht aoir: buige: séimhe. Is maith an rud measardhacht anois is gan cleith-mhagadh ar fad do dhéanamh fúm: cuibheasacht: gan rith linn féin ar fad.

measc: *a.* trí chéile, mearbhallach, meadhránach, mearuighthe. Mo cheann bocht atá measc tar éis ragairne na hoidhche, tá mílte glór ann: trí chéile, suaidhte. Fan! féachaint an bhféadfainn aon réidhteach do dhéanamh air, tá sé go léir measc im cheann: taobh síos suas. Tá ceann measc anois ort ge n-a bhfuil de dhigh caithte agat: meadhránach: gan cruinneas machtnaimh agat ar aonnidh.

measc-: *i gcfbh.* trí chéile, báidhte. Measc-aighneas ar siubhal aige ná baineann neach ciall ná brigh as: cainnt neamhshoiléir, gan cruinneas innste. Braon caithte aige 'sis rí-dheacair a thuigsint, tá sé an-mheasc-bhriathrach .i. a chuid cainnte ar leathadh air. I lár a bhfeaca riamh is tú is measc-chainntighe, bíonn fiche scéal agat in aon eachtra: gan aon léargas ná cruinn-innsint. Táir an-mheasc-inntineach orm, nílim i ndán breith go soiléir ar aonnidh uait: an iomad rud ag baint na sál dá chéile it inchinn. Ar an measc-mhúineadh do fuair sé connus éireóchadh leis in aon scrúdughadh: múineadh gan treóir ná comar. Tá an tigh 'n-a mheasc-nid againn: sinn go léir in éintigheas ann. An té a ghníos measc-ólachán is gur cuma leis cad é an saghas trufaise caithtear chuige bíonn thiar air: iliomad deoch do chaitheamh. Deineadh acht eadrainn sinn go léir do bheith measc-pháirteach sa méid a bheadh de bharr na hoibre: cuid is roinnt do bheith ag cách mar a chéile. Bhí an cúram ró-mhaith dho, ní rinne sé ach measc-riar ar an ndéirc: riar mío-chothrom. Táir ró-mheasc-ráidhteach dom, téigheann díom aon tuigsint do bhaint asat: gach aon rud tóin thar ceann ag teacht as do bhéal. Aithnighim ar do ghlór ná fuil agat do ach measc-thruagh .i. truagh ar do bhéal. Ná hól an measc-uiscealach san, ní fios cad atá curtha trí chéile ann in ainbhfios duit: dríodar cuid mhór droich-dheoch.

measc: *f. n-dh.* idir, lár, trí. Féach an bhfuil aon leabhar fáin ar a measc san: tríotha san. Níl aon ghnóth ag bochtán i measc daoine airgeadamhla: 'n-a bhfochair. Bí 'n-ár measc ach go háirighthe: d'ár mbuidhin. Níor bhfada an mhoill ar eisean grán do scaoileadh i measc na gcos agat: fútha: 'n-a dtreó: ortha. As a measc go léir toghadh é lé n-a mheastamhlacht: asta uile go léir. Níl sé ar ár measc-ne fear is measa 'ná thu: ar ar líon-ne. Bhíomair go léir i measc a chéile an tráth san, is fada 'n-a dhiaidh san gur dheighleamair: ag cur lé chéile: d'aon bhuidhin. Bí féin ghá réidhteach nuair shroichir an baile, tá gach aon rud i measc a chéile annsan agat: i dteannta a chéile. Ní hi measc na ngort do gheobhfá an samhaircín ag fás ach ar thaobh na gclathach: annso agus annsúd tríotha. Béas i measc na ndaoine dob eadh é: gnáthach. Cómhnuighim i measc daoine galánta .i. táid im thímcheall. Níl ionam ach duine i measc mórán: ar a líon. Is fada i measc na marbh do: ar a líon. Tugadh fiche púnt 'n-ár measc dúinn: lé roinnt ar an ndíorma. Ní meastamhail do chómharsanaibh do bheith ag troid 'n-a measc féin: eatartha.

meascadh: *f.* (*-ctha*) corruighe, suathadh, cur trí chéile, coimheascar, imshníomh. Maide measctha na leitean aige, is fé féin atá a rogha rud do dhéanamh: an bata a chuireas trí chéile í: an chómhacht. Má fuair imireóir peile riamh meascadh fuaireas é ó chúigear nó seisear, síos sall is anall ghom sháthadh is ghom tharrac: suainneáil. Is fada riamh ó bhí aon mheascadh aca lé chéile, fiú amháin beannughadh: conbharsáid. Meascadh mór incheann dom cunntaisidhe do choimeád, mar ná bíonn m'aigne leis: suathadh, imshníomh. Táim ar meascadh ar fad, cá n-iompóchad?: dall amach. Sin é an meascadh anois, cé leis an láthair? tá triúr ghá héileamh go láidir: coimheascar: achrann. D'fhógras air gan bheith ghom mheascadh-sa 'n-a gcuid achrainn, nár theastuigh uaim ach an réidhteach: do cheangal leó. Ní maith é meascadh na fola gaolmhaire: pósadh do dhéanamh idir dhaoinibh gaolmhara. B'fhearr dul ag meascadh lathaighe 'ná ag gabháil de: ag gabháil den rud is neamhthairbhighe ar domhan. Beir fada anois ar an gcúrsa, ná tagadh aon mheascadh ort: imshníomh: líonruith. Ná bí ag meascadh an uisce nó éirighidh an draoib ar barra: ghá chorruighe: ghá shuathadh. Tá mo smaointe ag meascadh orm nách léir dom cad do dhéanfainn chun mo leasa: in achrann doi-réidhte. Is maith an meascadh lucht aon-ealadhan in aon chuideachtain: réidhtighid lé chéile toisc a gcóimhspéise.

meascaim: *b.a.* corruighim, cumascaim, cuirim trí chéile, suathaim, téighim in achrann ann. Ná measc tú féin, má néir mo chómhairle-se, n-a mbruighin sin: ná cuir tú féin i dtreis leó. Nách ait an lucht an bhaile iad ná meascann: ná déinid dul i gcuideachtain a chéile. Measc an té (an pota) sin: cuir trí chéile í: corruigh í. Ná measc leó: fan uatha. Féach, mheascais ar an imirt anois me, toisc bheith ag cainnt liom: chuiris amugha me: rinnis tranglam incheann dom. Mheascfadh an cleithire rógaire sin lán mainistreach: dhéanfadh sé clampar eatartha. Fágfad an áit díreach mar bhí, ní mheascfad faic ann: ní chuirfead aon rud as a ionad cheart.

meascaire: *f.4.* duine clampair, duine nó rud a chuireas trí chéile; a bhíos ag imtheacht ó chuideachtain go cuideachtain. Meascaire diabhail seadh thu ná luadhann do theanga ach bréaga: duine a bhíos d'iarraidh cách do chur in earrad lé chéile. Sluasad a bhí mar mheascaire aige sa choire mhór .i. chun pé rud a bhí ann do chur trí chéile.

meascamhail: *a.* claon lé meascadh, cumasc. Ní meascamhail í íle in uisce: ní sí claon lé teacht leis is na dúile do dhlúthughadh.

meascán: *f.1.* cumasc nó cómhdhlúthas dhá nó breis dhúil; meadhrán; mearbhall; meall, cnapán. Sid é an meascán a fuaireas ón bpoitigéaraidhe ar oideas an dochtúra: cur lé chéile áirighthe cogus. Cad é an meascán mearaidhe a tháinig ort gur tuigeadh duit go bhfaghfá fáilte i ngach tigh go raghfá isteach ann?: scamall (incheann). Ná tóg aon cheann d'aon rud a dhéanfaidh sé mar tá meascán mearaidhe curtha air ag an méid atá lé déanamh aige, is gan ró-thaithighe aige air: mearbhall: léire tuigseana imthighthe uaidh. Ná deineadh suarachán meascán mearaidhe dhuit: ná cuireadh clampar aigne ort. Cuireadh meascán ime os mo chómhair, dóthain aon triúir: cnapán mór, groidhe.

measctha: (**meascuighthe**) *a.r.* curtha trí cheile, suaidhte, mearbhalluighthe, mearuighthe. Aon tuigsint níl agam ort, táir measctha ar fad orm: gach aon rud in aimhréidhe orm. An bhfuil do chuid té measctha agat?: é corruighthe is an siúicre leachta air. Ceann ná tón níl ar an dtigh seo indiugh tá gach aonnidh ann measctha: trí chéile: gan riar ná órdughadh. Bheadh an cúrsa go maith mara mbeadh gur chuiris do cheann ann, tá sé measctha anois agat is ní fheadair éinne cá bhfuil sé ná connus mar tá aige: curtha in achrann. Fuil an-mheasctha atá ionam d'áirmheóchainn deich gcineacha ar mo shínsear: mórán athrach fola im fhéitheannaibh. Arán maith folláin min is plúr measctha: curtha trí chéile. A bhuidhe lé Dia, ná rabhas measctha i ndlighe ná i gcaibideal lé héinne riamh: i dtreis: in achrann. Ar an mblas atá ar an mbeathuisce seo ní fuláir nó tá sé measctha go maith .i. báidhte: uisce curtha ann chun a laguighthe. Bruighean mheasctha dob eadh í, ní fheadraís cé bhí nó ná raibh innte: gan tóin gan ceann. Bullóg mheasctha .i. mar bheadh plúr is min etc. 'n-a déanamh. Duine iargcúlta é ná cloisfeá a ainm measctha in aon rud ar feabhas ná ar olcas: i dtreis. Ar an slighe a bhí sé ag tabhairt dhá thaoibh an bhóthair isteach dhéarfainn go raibh sé measctha go maith: ar meisce. Tuigsint an-mheasctha atá ag eachtrannaigh ar chúrsaidhibh na hÉireann: gan aon léargas ná eólas cruinn. Sluagh measctha b'eadh sinn, bhíomair ann idir bhocht is shaidhbhir, íseal is uasal: neamh-ionann.

meascthach: *a.* claon lé meascadh, dlúthughadh, meastamhail. Ní dathanna meascthacha iad san, féach mar tá an buidhe ag teasbáint tríd an ndearg: dlúthach. Níl uisce is íle meascthach, ach tá uisce is bainne: inrithte 'n-a chéile. Ní bhíonn gabhair is caoire meascthach: ní dual dóibh gabháil lé chéile.

measrughadh: *f.* (*-uighthe*) tómhas, comórtasughadh, do dhéanamh measardha, do mhaolughadh. B'fhearr liom aon chúram eile do bheith ort 'ná bheith ghom mheasrughadh-sa is mo ghnóthaidhe le héinne: ghom chur i gcomórtas. Aon rud ní leigir thart gan bheith ghá mheasrughadh gur fiú so is nách fiú súd é: ag tabhairt breithe air. Is minic do bítí ghom mheasrughadh lé bleaigeárd sráide nuair dhéininn aon ruidín as an slighe. Is mór go léir an measrughadh ar an mbrothall an leóithne fionn-fhuar san ón bhfarraige: buige: maolughadh. Ag measrughadh an bheathuisce lé huisce do chur ann: ghá lagughadh: ag baint breise den mbrigh as.

measruighim: *b.a.* comórtasuighim; cuirim i gcosamhlacht lé, tómhaisim; bheirim breith air. Níor mhaith liom go measrófá me dréir daoine eile, brathaim gur fearr me 'ná formhór t'aitheantais-se: breith do thabhairt orm: me do thómhas. Ar an ndéanamh míochúmtha do connacthas dom air mheasruigheas lé hamhailt é: chuireas i gcomórtas. Measruigh sé an cnoc do bheith ró-árd, ró-ghéar dá dhroch-chroidhe, is níor chuir sé chun dul anáirde: b'é a bhreitheamhantas é. Measróchaidh an cioth báistighe seo an ghaoth: maolóchaidh.

measta: *a.r.* luach buailte lé; breith tugtha ar; áirmhighthe, cosamhail, deallramhtach, oireamhnach, soi-mheasta. Tá tigh measta ar fiche púnt sa mbliadhain .i. breith tugtha gur b'é sin a luach. Is in-mheasta go dtabharfam tamall eile ag feitheamh lé n-ár gcuid bídh ar an gclódh atá ar an dteine seo: an-dheallramhtach. Is doi-mheasta ná críochnóchaidh an cogadh so ambliadhna ar a nimhneacht atáid: níl sé cosamhail in ao'chor. Is maith, géar an fear thu, tá an scéal measta go háluinn agat: tuigthe 'n-a cheart.

meastóir: *f.3.* measadóir, duine a bhuaileas luach lé rud, breitheamh, réidhtightheóir, fear cirt; duine go mbíonn cómhacht iomlán aige réidhteach nó cinneadh aon ruda in áiteamh nó in earrad. Is fada ó n-a chéile ár dtuairmidhe araon ar an méid foghlach atá déanta, níl aon tsocrughadh is fearr air 'ná meastóir do cheapadh is gabháil lé n-a mholadh san: réidhtightheóir. Tigh meastóiridhe leis na ciantaibh dob eadh é go raibh a gcáil anáirde: dream gurbh é a ngairm luach is fiacha aon ruda do mheas. Fágaimís fé mheastóir an roinnt cheart do dhéanamh ar an dtalamh: fear cirt. Os ár gcionn go léir tá an meastóir amháin ná déanfaidh cam: Dia: breitheamh.

measuighthe: *a. n-dh.* an méid is fiú rud buailte leis; fé ghradam; mór lé rádh. Bhí an díoghbháil measuighthe chómh maith san aige ná fuair neach locht air: an éiric do mhol sé. Ón lá san go dtín lá indiugh as an ngalántacht do rinne sé tá sé measuighthe ar fuaid an cheanntair uile: cáil air.

meath: *b.3.* (*-thta*) teip, dul ar gcúl, cliseadh, dreódhadh, ceileabhradh, leaghadh, dul in éag; manaois, faillighe; léic. Meath ort, maran agat atá mo chroidhe briste d'iarraidh aire do thabhairt duit, gan aon mhaith dhom ann: dul ar gcúl: mío-ádh. Meath air! nár fhan tamall eile ó fhan sé go dtí san chun fógra do thabhairt do; féach go mbeadh an fear 'n-a bheathaidh .i. nára fearrde é. Meath orm-sa bheith ghod chómhairleach ar a bhfuil de bhuidheachas dá bharr agam: cion mo dhearmaid go bhfaghad. An aon iongadh an meath do bheith orm? féach an t-aos atá agam: dul ar gcúl. Ní hé an meath do theacht ar na prátaidhe budh bhun lé bás is gorta ach gan an riar ceart do bheith ar an ndúthaigh: teip. Neach ní éalóchaidh ón meath: an dul ar gcúl leis an aois. Meath is milleadh ar ár namhaid: teipeadh is scrios! Dá mhéid a bhí 'n-a choinnibh agus dá luighead cao do bhí aige ar mhaireachtaint níor tháinig aon mheath ar a mhisneach: aon lagachar. Rud ar bith sa tasoghal ní chuirfeadh ó mheath anois na fáiseanna, fuaireadar an oiread tuargana ón ngála .i. ní shaorfadh faic anois iad. In éadóchas nó lé díombáidh, deirtear "mo mheath!": fairír géar. Mo mheath! 'sis fada buidhe uait do bheith chómh maith d'fhear leis: mo bhrón. Níor chuir na bronntanaisidhe go léir ó mheath a grádh dhuit: ó dhul chun deiridh. Seasamh maith do rinneadar do thír bheag, ach tá an meath ortha: an tréigean. Bíonn an duine ag meath ó dathad amach: ag dul ar gcúl. Ar an slighe do stadadh an capall i

gcoinnibh an aoird d'aithnigheas air go raibh sé ag meath: ag teip. Is fearr leath ná meath: leath ná faic in ao'chor. Déarfainn ach go háirighthe ar thábhachtaighe na hócáide go mbeadh dhá chéad duine ar a mheath láithreach annso. Ní fheadar cad atá nó ná fuil aige, ach budh chóir go mbeadh míle púnt ar a mheath aige: ar an gcuid is lugha. Ní meath ar éinne an fhírinne d'innsint: ní mistide é. Leigeadh i meath é, gan neach chun aire do thabhairt do, ná chun a dheisighthe: tugadh faillighe ann. Tar mheathta dhom, cuireadh fear eile im ionad lé hionchas go n-éireóchadh leis: teip. Doras ag meath é, féach a bhun ag lobhadh: ag dreódhadh. Níl aon mheath sláinte fós orm buidheachas lé Dia: dul chun deiridh. Is mór mar tá an meath ag dul air: ag dul chun deiridh mar bheadh seanduine: ceileabhradh.

meath: *a.* lag, fann, feósaidhe, ceileabhrach. Níor dhéin riamh é ach duine meath, lámh láidir do dhéanamh ar an laige: gan mheas ar féin. Caith an t-ualach den asal meath nó brisfidh a dhrom: lag, fann.

meath-: *i gcfbh.* lag, cuibheasach, claon. "Connus táir tar éis na dighe go léir?" – "meath-bhreóidhte go maith": breóidhte go leór. Táim meath-bhreóidhte ó bheith ceangailte istigh: lán-tuirseach de. Lá meirbh a bhí ag maoidheamh na báistighe is bhíos meath-chodlatach: suan-mhairbheacht orm. Nuair thairngeas chugham an líon bhí meath-bhreac: corr-bhreach: breac annso is annsúd. Ní bheidh sí ró-throm ach beidh meath-bháisteach ann: éadtrom; ann as. Ní chuirfinn mórán suime i ndul chun meath-chostais d'fhonn na cúise do réidhteach: costas ná beadh ró-throm. Ina measc dóibh fuaireas meath-bhuille sa tranglam: foth-bhuille. Meath-bhuille fuair sé mar dá bhfaghadh níos truime é bheadh a rian air: buille éadtrom. Duine meath-aigeanta seadh thú ná cosnóchadh thu féin: lag-mhisneamhail. Ní raibh sé chómh meath-aosta san nuair fuair sé bás: dulta isteach sa bliadhantaibh. Connus thabharfadh an dúthaigh aon tseasamh uatha is gan aca ach meath-arm: arm ná raibh ar fóghnamh. Is í an mheath-aithrighe atá déanta agat mar ar dheinis leór-ghnímh: aithrighe bhacach. Má fhanann an fharraige mar seo raghaidh meath-bhád ag iascach: foth-bhád. Is baoghalach má leanann an cogadh air i bhfad go mbeidh na daoine ar meath-bhiadh: lag is gan puinn de. Gan an taithighe do bheith agat níor dheinis ach go meath-chuibheasach: lag: dearóil Thuit sé amach an fhaid sin ó shoin ná fuil agam air ach meath-chuimhne: doiléir: lag. D'fhóbair duit, ná gearán, nílir ach meath-dhóighte: dóighte go héadtrom. Ní maith liom an t-éadach san níl air ach meath-dhath: ná fuil solasmhar: lag. Budh dheacair dom puinn do dhéanamh, mar bhí sé meath-dhéidheannach nuair thosnuigheas: mós déidheannach. Ní raibh sé ró-bhorbh ar fad, cé go raibh meath-dhiabhal dhá chaitheamh aige: go raibh sé ag cur daoine in ainm an diabhail foth-uair. Ná creid focal ón gcladhaire, níor leathluigh sé air féin, ní raibh sé ach ar a mheath-dhícheall. Tá meath-dhrúcht ag tuiteam na hoidhcheanta so, tiocfaidh báisteach as: drúcht éadtrom. Meath-éifeacht duit tabhairt fé rud do dhéanamh gan eólas gan taithighe agat air: scéal gan puinn céille. Geallaim duit nách mór an tsuim do cuireadh 'n-a chuid cainnte, ní bhfuair sé ach meath-éisteacht: éisteacht gan áird. Ó tháinig an dochtúir chugham tá meath-fheabhas tagtha orm: tá an tsláinte casta orm. B'fhéidir go ndéanfadh sé an bheart, tá meath-fhoghluim air: foghluim chuibheasach. Cómhartha an chladhaire air an meath-gháire thagann air an uair is mó bhíonn olc air: fáth-gháire lag. Meath-iarracht a thugann anois ar phuinn do dhéanamh: anois is airís. Riamh ní heól dom gur chóimhlíonais aon gheallamhaint agus meath-iontaoibh atá agam asat anois: muinghin an-lag. Soitheach

meath-lán de leann: gan bheith lán ar fad, tímcheall trí ceathramhna. Meath-laoch seadh anois é ní mór an ghaisce atá ann: duine atá teipighthe. Ar a luighead salann atá agat dhá chur ar an iasc ní dhéanfadh ach meath-leasughadh air: ní shaorfaidh sé mar budh cheart é. Is eaglach dúinn má chruadhann an saoghal mar ná fuil bailighthe isteach againn ach meath-lón: ádhbhar neamhraidhseamhail. Níl faic lé maoidheamh aige, níl aige ach meath-luadar, mo lámh duit nách fada ó bhaile d'fhéadfadh sé dul: beagán bríoghmhaireacht cuirp. Choidhche ní mór an áird do bheidh air mar ná fuil sé ach meath-luighte lé n-a ghnóth: gan an tsuim riachtanach aige dhá chur ann. Caithfir admháil ach go háirighthe go rabhais ar meath-mheisce, mar bhí groga ionat: go raibh braon maith tuitighthe ort. Meath-mhian ithte atá orm, níl aon ocras orm: fonn beag. Cuir a thuilleadh siúicre air, níl sé ach meath-mhilis: lag-mhilis: ar éigean a gheóbhfá blas milis air. Ní chorróchadh sé cos eile, tháinig meath-mhisneach air: lagachar misnigh. Leis an iomad duaidh is strusa tháinig an meath-neart orm: teipeadh nirt. Léan id ghéagaibh lobhtha, sin é an meath-nigheachán do thugais ar na héadaighibh seo, tá teimheal fós ortha: olc. Meath-oidhche do thagann sé ag bothántaidheacht chughainn: oidhche annamh. Chuirfeadh súd an ball ort gach lá sa tseachtmhain, nílir ach meath-oilte dho: gan bheith glic do dhóthain do. Sin í an mheath-pháirt a bhí sa chath aige .i. ní mór do dheárna sé. Níl sí olc ar fad ach tá meath-phian innte: pian cómhnaidhtheach gan bheith ró-throm. Meath-phobal a thagann go teampall anois ann: pobal atá dulta i luighead. Ní mór an mhaitheas mise chun seigheamtha dhíbh, mar ná fuil agam ach meath-phort: fíor-bheagán díobh: foth-phort. Á, mhuise, ní rabhadar maith is ní rabhadar olc, meath-phrátaidhe a bhí ann .i. nár cheart bheith gearánach go ró-mhór ortha. Meath-rath ort mar mhadra a árduigh mo chuid aráin leat: mío-ádh ort. Sin cainnt anois go dtabharfainn géilleadh dhi, dar liom go bhfuil meath-réasún léi: saghas éigin céille. Duine meath-shúileach ná feicfeadh rud chómh soiléir leis an gcapall san atá ar thaobh an chnuic: locht do bheith ar an radharc aige. Ar an bhfuadar atá fút má leanair ag déanamh airgid, ní fada ná go mbeir meath-shaidhbhir: chómh saidhbhir sin go mbeidh formad leat. Níl ann ach do mheath-shamhail, cad thárlaidh dhuit in ao'chor? .i. táir athruighthe ar fad ar fad. Nách mór mar tá gach aon rud tuitighthe ar a thóin, nách é an meath-shaoghal é: saoghal atá dulta chun deiridh. Nílimíd ná ní bheimíd sásta leis an meath-shaoirse atá againn go mbeidh Éire uile fé aon riaghaltas dúthchais amháin: saghas saoirse neamh-iomlán. Dá dtabharfá dhi a mbeadh agat agus a thuilleadh ní bheadh sí ach meath-shásta, tá sí chomh sainnteach san: sásta d'fhíor-bheagán. Tar éis ar ghaibh de mhaoin trí n-a ladhrachaibh níl sé ach go meath-sheascair indiugh: gan bheith ró-láidir ar a chumas. Fág ar an dteine go fóill an t-uisce, níl sé ach meath-the: mall(a)-bhog. Bhuaileamair amach i meath-theas an tráthnóna, go dtí san ní raibh ionainn corruighe lé neart na gréine: maolughadh teasa. Leanann meath-thuirse an oidhche do thabhairt suas: cuibheasach tugtha i gcorp. D'éirigheas moch is táim ag obair cuibheasach cruaidh ó mhaidean. Brathaim meath-thuirseach: nách mór tnáidhte: tugtha i gcorp. Leig do tamall eile, níl sé ach meath-the fós is níor mhór do bheith ag geir(e)-fhliuchaigh: cuibheasach te. Righneóchaidh an fheóil má beirbhightear ar ghrod-theine í, meath-theine atá uaithe: mall: gan mórán teasa. Níl sé ag déanamh go ró-mhaith ná go ró-olc, meath-thrácht atá aige: díoltachán cuibheasach. Meath-thrócaire a gheóbhadh is dócha má beirtear orm, mar tá an chúis orm: trócaire bheag. Tráigh an-bheag atá indiugh ann, tá sé 'n-a mheath-rabharta: marbh, lag, íseal. Cuir uait, ambaist, ná déin do dhíoghbháil féin, déin rud air, tá meath-ughdarás aige sin

ón saoiste: breac nó saghas ughdaráis. Is minic minic ná déineann sé lán mo bhaise orm, níl sé ach meath-umhal dom: uaireannta bíonn is uaireannta ná bíonn.

méath: (**méith**) *a.* sailleach, geireamhail, cothuighthe, reamhar, saidhbhir, sóghail, mútamhail. Feóil ró-mhéath deineann sí breóidhte mé: bíonn sí ró-mhútamhail dom ghoile: ró-shaidhbhir. Beidh sé sin briosc fén bhfiacail, tá sé méath-shóghail: so-bhlasta. Talamh méath a thabharfaidh toradh maith: bog saidhbhir in ithir. "Ag cuimilt saille ar dhruim na muice méithe": muc reamhar, chothuighthe, fheólmhar .i. ag déanamh ruda ná fuil aon ghábhadh leis. Chómh méath lé muice shaille: bog-fheólmhar. Mairt-fheóil mhéath gur bh'aoibhinn leat a blas: sóghail, milis don gcarball. Isteach sa bhfóghmhar seadh bhíonn an scadán méath: saidhbhir in iasc agus deaghbhlasta. Móin mhéath .i. bog, dubh, saidhbhir.

méath-: (**méith-**) *i gcfbh.* reamhar, beathuighthe, sailleach, geireamhail. Is iomdha méath-bhreac beartha go bradamhail as an abhainn: breac beathuighthe. Níl aon teóra lé teine méath-mhóna maidir lé teas is subháilceas: móin bhog, reamhar, the, so-lasta, íleamhail. Méath-bhroc: ceann beathuighthe, feólmhar. Is gearr bhíonn ainmhidhe ar féarach sa Mhidhe nuair ghníonn méath-mhart de: ainmhidhe trom, toirteamhail, feólmhar. Nách é atá go méath-mhuineálach agam: reamhar, bog, beathuighthe tímcheall a mhuiníl. Muc mhéath-bholgach: trom, toirteamhail as a bolg.

méathachán: *f.1.* duine bog, feólmhar. Méathachán nách mór atá ábalta ar an gcois do chur thar an gcois eile lé haindeise cuirp: bóitseach fhir: meidreach. Connus bheadh fulang sa mhéathachán san? cá bhfuil an chruadhacht ná an fuinneamh: duine bog aindeis.

méathadas: *f.1.* sóghaileacht, reimhreacht, feólmhaireacht. Méathadas ar fad seadh an súp so: saidhbhreas: lán de ghréisc. Méathadas na talmhan: saidhbhreas is buige cré. Ag tuiteam chun méathadais: ag dul i bhfeólmhaire. Ní hiongadh cuma mhaith do bheith ar an nduine, tá méathadas aige: saidhbhreas bídh de gach saghas.

meathaim: *b.a.* ₇ *n-a.* teipim, clisim, dreódhaim, cnaoidhim, seirgim, feódhaim, meathluighim. Mheath an síol cheal leasuighthe: theip air fás. Pé uair riamh é, ná meath anois orm is cabhair liom: ná teip. Cad n-a thaobh gur mheathais orainn?: cad bhí chun tú do chosc ar theacht?: chlisis: ní dheárnais mar bhí dóigh asat. Is mór mar mheath fir óga an pharóiste seo ná buadhaid aon chluiche: mar chuadar in olcas. Gach ceárd dá meathann rachaid ag iascach: a theipeas .i. is í an iascaireacht díg gach gairme. Má mheathann caraid lá tagann lá eile: an cara ceart tiocfaidh chun do chabhartha tráth éigin. An síol céadna sa chré chéadna bliadhain ar bhliadhain, meathann sa deireadh: téigheann chun deireadh: ní fhanann an scabhárd céadna ann. Meathann barraidhe leis an iomad teasa is triomaigh: teipid: ní fhásaid. Lé bliadhantaibh gearra do mheath an t-iascach annso, ní fiú bheith ag gabháil do: chuaidh chun deireadh: chuaidh i ngainne. Ar an uain budh neamhgheallamhnaighe do bhí an cúrsa aige níor mheath a mhisneach ná a chroidhe air: ní dheaghaidh in éadóchas. An rud a bhíos páirteach meathann sé: go mbíonn scata chuige nó ná bíonn cur lé chéile ag baint leis téigheann ar lár.

meathalóir: *f.3.* aon rud a mheathas, suarachán, truaghán. Chonnac meathalóiridhe banbh a shéidfeá anuas as do shróin! ag dul os cionn púint: rudaidhe báis (ocracha). Dhein an cath breóidhteachta úd meathalóir ar fad díot: d'fhág id rud gan anam gan mhaith thu. Meathalóiridhe prátaidhe nách fiú do chur ag beirbhiughadh: creatháin bheaga. Lé déidheannaighe, pé scamall a tháinig anuas ort tá meathalóir ar fad déanta dhíot: truaghán: tá do bhrigh is do chrot caillte agat. Tabhair rud éigin don meathalóir sin féachaint an éisteóchadh sé a bhéal: cnáimhseálaidhe truaigh. Fear mór groidhe mar thu, nách tu an meathalóir is cúladh ón smithire sin: meathtach. Meathalóir síl seadh é: síol beag mion. Ní stadann an meathalóir leinbh sin (cait etc) ach ag lorg ruda éigin: cnáimhseálaidhe: suaracháinín iarratach. Ina mheathalóir cois na luatha thugann sé a shaoghal: díthreóch: leidhceachán. Meathalóiridhe fear iad: fir bheaga.

meathalóireacht: *b.3.* cnáimhseáil; tréigean, crónántaidheacht. An mheathalóireacht chéadna go deó deó dá mbeifeá dhá phota-bhiathadh, bheadh gearán éigin agat: an cnáimhseáil ar nós an pheata. Choidhche ní chloisfead scéal dóchais uait ach mheathalóireacht: an mí-mhisneach is an chníopaireacht.

meathán: *f.1.* rud dearóil, suarachán, tuige caol, lag. Dá dtabharfí meathán duit, a leinbh, do chuirfeá uait an mheathalóireacht: gabháil lé slaitín ort. Meathán garsúna ná raghaidh a thuilleadh air .i. nár fhás. Tuigidhe is meatháin chun ughamach, beardóg, ciseán, cliabh etc. do dhéanamh: na beanngáin laga a fhásas ar na tuigidhibh reamhra. Clais na Meathán mBuidhe (ainm áite): tuigidhe laga, so-lúbtha.

meathas: (**méitheas**) *f.1.* sóghaileacht, deaghbhlastacht, sailleacht. Ar an dtoirt 'san corp atá aige tá meathas ag dul 'n-a bholg: biadhanna saidhbhre. Cá ngeóbhadh an meathas ar fad atá laistigh aige? cad fáth ná beadh saothar air: geir agus saill. Feóil go n-iomad meithis ní maith í .i. a bhíos ró-reamhar, ró-shaidhbhir. An meathas go léir atá fén bhfiacail innte: sóghaileacht: deaghbhlastacht.

meathlughadh: *f.* (*-uighthe*) do dhul i luighead, in olcas, i suaraidheacht, do theip, do lagughadh, do thruailliughadh, connlughadh. Nuair bhraith sé nách aon deagh-fhuadar a bhí fúm 'n-a thaobh dá bhfeicfeá ghá mheathlughadh féin sa chúinne é: ghá chonnlughadh féin: d'iarraidh cnochaire do dhéanamh de féin ionnas ná feicfí é. Meathlughadh leanbh an bainne a thagas ó thigh an uachtair: cosc ar fhás. Cheal na córach cirte d'fhagháil, tá na bláthanna ag meathlughadh: ag seargadh is ag dul chun deiridh. Toisc an earraigh do bheith chómh déidheannach agus cómhnaidheacht na droch-aimsire mara dtagann malairt crota ar an saoghal déanfaidh sí bliadhain mheathluighthe: gorta: teip barraidhe. Ó rugadh é tá an meathlughadh air, a thuilleadh breise ní raghaidh air: ceal fáis is eascair. Is ró-mhór an meathlughadh a tháinig air lé geairrid, níor fhan a leath ann: dul chun deiridh.

meathluighim: *b.a.* teipim, clisim, laguighim, téighim ar gcúl. Mheathluighis, ar mh'anam, ó fhágais do dhúthaigh féin, cá bhfuil an scrothaidheacht 'san acfuinn?: chuadhais as go mór. Mheathluigh na barraidhe gen sioc, ní tháinig a leath: thréigeadar. Gan a cheart dá chóir do thabhairt do dhuine meathluigheann sé: casann ar a chéile: ní fhanann a thamhas ann. Breóidhteacht is luigheachán fada do mheathlóchadh an chuid is

acfuinnighe againn: a lagóchadh is a thabharfadh crot suarach, éiglidhe orainn. Pé míoádh a tháinig ortha mheathluigheadar ar fad ó cuireadh ar an dtalamh san iad: chuadar chun seirgeachta: bhreóidhtigheadar. Is eól dom-sa cad é an saghas é, is cuma leis mar gheall orm go meathluigheann air i gcómhnaidhe, annsan seo chugham é: go dteipeann air. Go meathluighir leis maran ort atá an dúil chuige!: chun deiridh go dtéighir dá chionn.

meathluighthe: *a.* teipighthe, cliste (ar), suarach, leice. A leithéididhe de scata leanbh nách meathluighthe fhanadar, gan oiread an frighe ionta: stalcuighthe i bhfás: suarach, truaillighthe. Níl aon ghabháil isteach ná amach ann, meathluighthe ar an leabaidh furmhór a shaoghail: leice: breóidhte. Thug an taom san cuma mheathluighthe ort, níl do dhath féin in ao'chor ort: suarach, truaillighthe. Prátaidhe meathluighthe nách fiú a gcur ar bhórd: mion, nár éirigh fás leo. Ní féidir a rádh gur aicme mheathluighthe sinn, Éireannaigh; ná go bhfuil scrothaidheacht ionainn: suarach: leice: gan toirt ná neart .i. ní truagháin sinn. Éist, a ruidín mheathluighthe, ní fhéadfainn foidhneamh léd ghleódh: gan toirt, gan tathnag. Iasc, gamhna, caoire etc. mheathluighthe: i bhfad ón ngnáthmhéid. Léan id bhuille meathluighthe ná brisfeadh plaosc uibh: truaillighthe: gan fuinneamh. Teacht meathluighthe atá fén gcoirce sin: lag: suarach: dearóil. Dá mbeinn chómh meathluighthe leat bhádhfainn mé féin níos túisce 'ná bheadh daoine ag féachaint orm!: cuma chómh dearóil, neamh-anamamhail orm. Capall ró-mheathluighthe as a chosaibh seadh chun airgid mhóir do tharrac: lag, aindeis. Léan id ghéagaibh meathluighthe ná rámhfadh i gceart: gan tapa.

meathluightheacht: *b.3.* truaillightheacht, dearóileacht, suaraidheacht, teip, mineacht. Lé meathluightheacht na n-ubh ní mór go nglacfí in ao'chor leó is ní bhfuairtheas ach luach beag: luighead: mine(acht). Fairír! tagann an mheathluightheacht cuirp leis an aois nuair ná bíonn feóil chruaidh ná luisne ar an nduine: dearóileacht: feógh. Is mó mo scioból ná m'iothla ambliadhna, is baoghal liom toisc meathluightheacht na mbarraidhe: teip: meath: a luighead agus a olcas a fhásadar. Ag dul i meathluightheacht ataoi ó ló go ló, táir imthighthe amach as an éadach orm: i seangacht agus i dtruaillightheacht cuirp.

méathradh: *f.* (*-thartha*) do chur gréisce ar fheóil; gréisc; smearadh; suiméar. Ag méathradh na feóla: do dhortadh na saille leachta nó anbhruithe uirthe faid bhíonn sí ag róstadh. Ní raghadh sí liom, tá an iomad den méathradh innte: an iomad smearaidh nó bealaidh.

méathras: *f.1.* sóghaileacht; suiméar, saidhbhreas is milseacht is so-bhlastacht; toirteamhlacht is buige cuirp. Dá mhéid méathras a bhíos sa bhfeóil, nuair bhíonn sughlach ag gluaiseacht aiste is í ag leaghadh 'n-a bhéal seadh is fearr leis í: saidhbhreas. Feóil go bhfuil méathras innte seadh caor-fheóil na n-oileán: saill ar fad nách mór .i. gan puinn di dubh ach geal lé geir í uile. Nách aindeis an bhean atá déanta dhi, méathras ar fad í: coimpléas toirteamhail, bog aice. An iomad méathrais a bhí dhá ithe aige dubhairt an dochtúir: biadhanna saidhbhre, suiméir. Tabhair fé ndeara go bhfuil méathras sa talamh san féach an tsadhail féir atá air: saidhbhreas cré.

méathrughadh: *f.* (*-uighthe*) do dhul i gcothuightheacht, do reamhrughadh; do thuiteam chun feóla buige. Sé talamh an mhéathruighthe, amharc ar an mbrat féir uaithne atá air: chun ainmhidhthe do reamhrughadh. An rud bocht, seang is beag méathrughadh ar chnámh ná ar easna aige: saill: blonag: cothuightheacht.

méathruighim: *b.a.* 7 *n-a.* reamhruighim, tuitim chun cothuightheacht. Má mhéathruigheann éinne déanfair é ar an méid ollmhaithistidhe atá dhá ithe agat: reamhruigheann go trom. Sin é an leasughadh a mhéathróchaidh an talamh: a bhogfaidh is a shaidhbhreóchaidh an chré.

meathta: *a.r.* teipighthe, tréigthe, truaillighthe, silte, dulta siar, ar gcúl, chun deiridh, lag, fann, mí-mhisneamhail, neamh-fhearamhail, táir. Duine meathta ná déanfadh rud chómh sonaoideach, neamh-dhuabhaiseamhail leis: silte: tugtha: cnaoidhte. Táim meathta, tá eagla orm, dem aindeóin mheanmnaigh: mo bhuille tugtha, gan aon leigheas agam. Buille meathta a thugais do ná marbhóchadh cuil: neambríoghmhar: fann. Táir meathta ar fad orm, níl aon chárta ag gabháil chughat: claoidhte: críochnuighthe. Beart mheathta d'éinne teicheadh ó dhuine a bheadh dhá bháthadh: neamh-fhearamhail. A leithéid de scríobh meathta ní fheaca ag leanbh scoile fós: gan aon chrích. Tá an t-iasc meathta, níl aon ghnóth annso againn téighimís abhaile: teipighthe: stadtha de bhreith nó ar dhul i líon. Sin mar gheóbhfá do daoine muinnteardha, a bhuachaill, iad go léir meathta ort nuair chídhid ná beadh faic ded bharr aca: tú tréigthe aca. Is meathta an fear a bheadh ag éisteacht lé héinne go tarcuisneamhail ar a dhribhshír: neamhfhearamhail: neamh-spirideamhail. Barraidhe meathta a dhéanfaid mara bhfaghaid bogradh: teipighthe, tréigthe, feóidhte. Nách meathta an misneach bídh atá aige ná híosfadh sé an oiread lé circ: caillte: silte. Dréir mar is clos dom ní fada mhairfidh sé, tá sé an-mheathta na laetheanta so: lag, fann 'n-a shláinte.

meathtach: *a.* feóghach, cailleamhnach, dreóighteach, mí-mhisneamhail. Síol meathtach seadh é gan ithir mhaith, go leór leasuighthe is córaidheacht: cailleamhnach: claon lé teip. Is meathtach an spirid atá ionam ná faghainn ionam féin dul i ngiorracht dhuine mhairbh: mí-mhisneamhail: faon. Nár mheathtach an rud uait teicheadh is gan an ball do sheasamh: neamh-fhearamhail: tréith i misneach. Rud ró-mheathtach seadh iasc úr gan leac oighir nó salann do chur in am air: so-lobhtha, soi-dhreóighte.

meathtach: *f.1.* aon rud a mheathas, a theipeas nó a chliseas; duine gan misneach lé heagla; smithire. Faic níl sa ghort so agam, a chara, ach meathtaigh: gach gráine síl teipighthe. De dhaoinibh gálánta é siúd, ach d'imthigh sé 'n-a mheathtach le hólachán agus neamhchríoch: chun anatais. Tor madra níl agam-sa ar éinne agaibh, ná tuigidh gur meathtach mise: a theichfeadh uaibh dá mbeadh oiread eile agaibh ann: duine a chúlfadh lé heagla. Fanadh meathtaigh istigh ón anaithe seo: daoine ná fuil ionta í d'fhulang.

meathtacht: *b.3.* teip fáis, misnigh, imeagla, truailleachas, truaillightheacht. Féachaidh tímcheall, is cá bhfeicfidh sibh na fir scrothamhla is na mná breághtha, cumasacha mar bhíodh, tá ár dtreabhachas imthighthe chun meathtachta: truaillightheacht: dulta ó fheabhas go holcas. Is furaist aithint an mheathtacht a bheith tagtha orm-sa cé ná rabhas mar sin tamall is go gcaithim fulang lé táthaire mar thusa: an chailleamhaint nirt is

brighe. Cé hé ná cuirfeadh an amhailt mhór fharraige úd meathtacht air ag cur sáile go hárd os do chionn: imeagla: cosc misnigh. Tagadh meathtacht ar an gcuradóireacht ambliadhna toisc an chogaidh is sin bliadhain meathluighthe againn: teipeadh is gorta dá dheascaibh.

méathtaracht: *b.3.* éileamh, sóghlaistidhe, sócomaistidhe, sócainidhe, potbhiadhthadh. Marbhóchaidh sí thú lé méathtaracht, nách í atá go ceanamhail ort?: sóghlaistidhe: togha gach ruda lé caitheamh. Shiubhlóchadh sé an chathair ó óstlainn go hóstlainn ar lorg na méathtarachta, nách milis an fhiacal atá aige: rudaidhe a bheadh so-bhlasta, soi-ithte. Tabhair méathtaracht do is beidh sé sásta, tabhair briollamas do is aithneóchair cad é an saghas é: sóghlaistidhe: nidhthe a raghaidh go maith lé n-a ghoile: peataireacht.

méathughadh: *f.* (*-uighthe*) reamhrughadh, dul i mbeathuightheacht, i saidhbhreas. An suaimhneas 'san cothughadh atá gen gcaoire sin tuitfidh an t-anam tur, te aiste lá éigin lé méathughadh: reamhrughadh thar cuimse go mbí lán de gheir is de bhlonaig. Ag tuiteam chun builg is coimpléis do ar dhruideam isteach sa bliadhantaibh tá mianach an mhéathuighthe ann: bheith claon lé hiomad feóla do chur suas. Sé an scadán an caoladáinín san earrach, is air ná bíonn an méathughadh: cothuightheacht: iasc árd, saidhbhir ar an gcnámh.

méathuighim: (**méithighim**) *b.a. 7 n-a.* reamhruighim, saidhbhrighim i bhfeóil nó i gcré. Méitheóchair ar a bhfuil d'ollmhaistidhibh dhá ithe agat: raghair i bhfeólmhaire 'si dtoirt. Sa chuan mar a mbíonn an suaimhneas ag an maircréal seadh mhéithigheann sé: a théigheann sé i dtoirt agus i saidhbhreacht gur fiú a ithe. Nách cómhachtach an talamh é ná fuil aon bheithidheach do cuirfí air ná go méitheóchadh in aon mhí amháin: reamhróchadh.

méid: *b.2.* toirt, uimhir, líon, cómhaireamh, tairbhe, luach, leathantas, tábhacht. Cá mhéid an phiast fharraige seo? chómh mór le capall?: cá toirt?: téagar – faid, tímcheall, is meádhachtaint. Cá mhéid an capall so? dathad (púnt)?: cad é an luach? Bír go maith dhuit féin i gcómhnaidhe coimeádair an mhéid duit féin, 'sis cuma leat dá luighead bhíonn ag éinne eile: an chuid is mó. Dá bhfeictheá an mhéid a bhí aige chuirfeadh sé leathadh ar do radharc: an roinnt: an chuid: an líon: an uimhir: an toirt (d'aon rud). Lé méid a ghrádh dhi tar éis í ghá thréigean is lé linn a ghábhatair níor chlis sé uirthe .i. thárlaidh an grádh chómh mor, dílis sin aige dhi. Lé méid a dhíomais dom, bhí mó dhíth is mo díoghbháil ar maoith aige faid mhair sé: aiste nó stáid mhór. Lé méid mo dhí-mheasa air ní thógfainn as an ndíg é dá mbeadh ar thuilleamh báis .i. an dí-mheas chómh mór, doimhin sin. Is mithid duit bheith ag gluaiseacht má ghluaisir in ao'chor is méid an turusa atá rómhat: faid mhór. Capall ní sheasóchadh an méid oibre atá air: an oiread. Táir traochta, a dhuine bhoicht, is ní leis an méid oibre atá ort é: an tsuim ar fad i bhfochair a chéile. Má tá airgead aige ní lé méid a shaothair é: an oiread, an tsuim, an fhaid is an chruaidheacht a oibrigh sé. "An mhéid sin ime leis an méid sin aráin" arsa an garsún bocht dian oibre nuair chídheadh sé tómhaiste chuige a thomhaltas. An méid a itheann sé ní mhaoidhfeá ar chirc é .i. cuid an-bheag. Níor glacadh leis sa Gárdaidhibh mar ná raibh an mhéid ann .i. an aoirde ná an tímcheall cabhlach riachtanach. An diabhal méid ag dul air: níl ag fás: breis ag teacht air. An méid atá ionat déin é agus ná buaidhtear ort: an dícheall is mó ar

do chumas. Méid na haithne a mhéaduigheas an tarcuisne: an iomad. Ní mór é méid m'aitheantais-se air, cunntas cruinn ní fhéadfainn do thabhairt air: faid ná cruinneas. Lé méid a eólais a bhíonn sé ag cainnt mar sin: ag dúmas go bhfuil mórán de aige. Náire chughat, a smithire shuaraigh, tá do dhá mhéid annsúd .i. dhá uair chómh mór leat. 'n-a mhéid bhí sé chómh maith d'fhear agus shiubhluigh an féar: maidir lé n-a thoirt .i. aoirde, téagar etc. An méid d'ith sé!: an oiread!: cuid mhór uathbhásach. Déin an méid is mó d'fhéadfair de n-a bhfuil agam dhá thabhairt duit: bain an tairbhe is mó is féidir leat. Trí mhíle púnt a bhí aige ar a mhéid: an chuid is mó dhe. Choidhche ní mhaithfead an méid do dheinis liom: an dochar do rinnis dom. Choidhche ní fhéadfad an méid do dheinis dom do chúiteamh leat: an bhail. An é méid do dhíchill orm?: an bhféadfá a thuilleadh do dhéanamh im aghaidh? An méid seo a déarfad leat, cómhairleóchainn duit aire do thabhairt dod chúram féin .i. tá an oiread so lé rádh agam lé cur i dtuigsint chluas duit. Aontuighim leat, ach an méid seo .i. budh mhaith liom an t-agó so do chur isteach. Ó, a ghrádh gil, budh mhór an tuiteam aige é, is a mhéid lé rádh é: a thábhachtaighe a bhí sé ag daoinibh. Dá mhéid an maoidheamh a bhí orm i dtaobh na méide a fuaireas ní bhfuaireas an mhéid a chaochfadh do shúil!: d'aindeóin na cainnte go léir as an oiread (tairbhe, baile etc.): ní bhfuaireas toirt dubhradáin. Buachaill ded mhéid-se mar sin dob eadh é: tímcheall na haoirde is an téagair chéadna. Thug sé an méid a bhí 'n-a chroidhe in aonfheacht is b'shin deireadh leis: a raibh de neart ann. Lé saidhbhreacht na talmhan tagann gach barra ar a mhéid ann: na barraidhe is torthamhla lé fagháil. Tá de mhéid eólais is claoidhteacht lé saothar aige ná fuil aon amhras agam ná go ndéanfaidh an bheart: a leithéid sin díobh so ar feabhas. Ná scar leis ar an méid sin: an tsuim airgid etc. Méid ort an uile lá ded shaoghal: feabhas is bail is dul chun cinn. Trí hórdla de mhéid atá aige orm .i. ar aoirde. Dá mhéid agat tu féin gheóbhfí fear chómh maith leat aon lá: d'aindeóin an mheasa is na muinghine atá agat asat féin. Cár imthigh an mhéid cainnte a bhíodh aige: rith seama: iomad cainnte is é balbh anois. Beithidheach gan aon mhéid mhór í d'aindeóin an airgid a fuairtheas uirthe: gan toirt mhór. Ar a mhéid a bhíos as ceart ní raibh aon tuigsint agam air: an oiread san. Bhéiceas an méid a bhí im chroidhe féachaint an gcloisfeadh éinne me: chómh hárd, láidir is bhí ar m'acfuinn glóir. Nuair bhí deireadh ráidhte aige, dubhairt sé, "sin é an méid" .i. sin uile a bhfuil lé rádh agam. Ar an méid atá orm sa tsiopa ní fiú gleódh do dhéanamh de: na fiacha. Dá mhéid liom atá sé ní chuirfeadh sé amugha é féin mórán ar mo shon: d'aindeóin an mhór-mhuinnteardhais a theasbáineann dom. Triúr an mhéid a mhaireas d'fhoirinn an bháid: an líon: an uimhir. Ní dheaghaidh méid ná luighead ort ó chonnac go déidheannach thu: breis. Tá do théad gearra, leig méid léi: scaoil breis léi: cuir léi. Ní ragham i méid lé chéile go deó airís, dhein sé ró-dhubh orm é: ní ragham i muinnteardhas. Is ait liom sibh do thuiteam amach lé chéile agus a mhéid a bhíobhair: an dlúth-charadas a bhí eadraibh. Ní fhéadfadh sé éinne d'eiteach le méid a chroidhe: toirt: féile, flaitheamhlacht. "Dob é faid aon chuirtín díobh triochad cúbad agus cheithre cúbaid b'é leithead d'aon chuirtín, do bhíodar an t-aon chuirtín déag d'aon mhéid": an fhaid, an leithead 'san toirt chéadna. An bhfuil aon mhéid agat orm?: an mó tú 'ná me?: an aoirde?: an toirteamhla? Ní lé méid a chúraim ná raibh sé annso: an gnóth go léir a choiscfeadh ar theacht. Dá mbeadh a fhios ag ár bhfurmhór an mhéid a bhíos rómhainn ar an saoghal so b'fhearr linn ná saoghlófí riamh sinn: an clampar 'san duadh a bhíos 'n-ár gcionn. Méid ná raibh ort ná stadfadh: mar taoi (beag) go bhfanair. Dréir a méide díolfad asta: a dtoirt. D'fhás sé go méid fhir sara raibh sé deich mbliadhna, b'shin é an suaitheantas .i. a bheith chómh mór lé fear. I méid do

shiubhalta cuirfead geall leat ná feacaís áit is aoibhne ’ná é: an líon mór áiteann. Ní hiongadh iad do thaobhughadh leis is a mhéid atá sé aca .i. an meas mór is an tábhacht atá aca dho. A thuilleadh breise ná toirte ní thiocfaidh air, tá sé ’n-a lán-mhéid anois: chómh mór agus d’fhéadfadh do bheith. Cóimh-mhéid agam-sa iad, aon leagadh níl agam lé duine aca seachas an duine eile: an meas céadna ortha araon. Is mór an dí-mhéid agat dom gan freagra do thabhairt orm: dí-mheas, táir.

meidhréis: *b.2.* sult, aoibhneas, lúthgháir, éirghe spiride is croidhe. Is marbh an té ná cuirfeadh ceól meidhréis ar a chroidhe: corruighe aoibhinn. Ceól is rinnce is ithe is ólachán annsúd anocht, is ann do bheidh an mheidhréis: sult, subhachas, sástacht aigne is tógaint chroidhe. Níl aon mheidhréis orm ag dul ann, aon áit eile roimis: áthas croidhe. Chuir sé meidhréis an domhain ar an leanbh hata do chur uirthe: lúthgháir: sástacht budh mhaith léi go dtabharfí fé ndeara uirthe. Cad chuige an léimreach is na gáiridhe go léir? cad mar gheall air an mheidhréis?: scléip croidhe: teasbach spiride. Níl aon tseanduine ná go mbeadh meidhréis air dul ag rinnce lé cailín óg: lúthgháir a chroidhe. Sid í meidhréis na Nodlag, ná déin aon nath de sinn do bheith beagán corr anocht is an uain atá ann: subháilceach, sultmhar, anamamhail. Cuireann a scéalta grinn meidhréis ar na leanbhaidhibh: aoibhneas is áthas ar a gcroidhe is ar a n-inntin.

meidhréiseach: *a.* sultmhar, scléipeach, teasbamhail, lúthgháireach, subháilceach, beódha, súgrach, anamamhail, ranngásach. Is meidhréisighe a bhíos duine ag braon dighe ’ná gan é: is claoine lé greann is súgradh é. D’aindeóin m’aoise tá mo chroidhe chómh meidhréiseach is bhí riamh: beó, glionndarach. B’fhada ó dhochma ná ó bhás é an turus déidheannach do chonnac é, is é bhí go meidhréiseach módhmharach: teasbamhail, luaimneach ’n-a spirid. Ní bhrathaim meidhréiseach indiugh .i. níl aon fhonn grinn ná suilt orm. Nách í a ghluaiseas go meidhréiseach fé n-a brógaibh sál-árd: go beó, aibidh ag éileamh breithnighthe de bharr a bróg. Riamh roime seo ní fheaca oiread cainnte is gáiridhe aice lé n-a cómharsanaibh, nách meidhréiseach atá sí: corruighe croidhe chun suilt uirthe. Nách meidhréiseach atá an searrach ar fuaid na páirce: ag rith ’sag léimnigh ’sag caitheamh a thóna, gan aon mhairg air. Brathaim chómh meidhréiseach lé mionán gabhair: teasbamhail.

meidrisc: *b.2.* tranglam, mearbhall, meadhrán, achrann, imreas, spairn. B’fhollus d’éinne nuair fágfadh fút-sa an scéal do shocrughadh is gan aon eólas agat air go mbeadh sé ’n-a mheidrisc agat: ina achrann: aimhréidhteacht. Ag déanamh meidrisce den gcúrsa bheir lé n-a thuilleadh a rádh, mar tá an iomad ráidhte cheana: mearbhall: olcas: achrann. I gcionn leathuaire do bhí an baile ’n-a mheidrisc gen ruathar aoir, daoine ag teicheadh soir siar i ndeireadh an anama gan fios cá ngeóbhaidís dídean: gach aon rud síos suas is na daoine dall ar cad budh cheart do dhéanamh. Ní rabhas riamh oireamhnach don ngnóth so, tá m’inchinn ’n-a meidrisc aige: curtha dá treóir: dall amach.

meig: *b.2.* an glór a ghníos gabhar is an gabhairín reódha. Ist oidhche, go mórmhór aimsir sheacha chloisfeá meig meig gen ngabhairín reódha gur dhóigh leat gur gabhar talmhan é. Chuir an gabhar meig as ag glaodhach ar an mionán: an t-éigheamh nádúrdha.

meig: *b.2.* pleist; rud gan corruighe, clais. An saoghal ní dhúiseóchadh é tá sé ’n-a mheig: ’n-a phleist: ’n-a chlais chodlataigh. Ar meisce? ní rabhais, a bhuachaill, piúth! tusa! ach tú bheith id mheig ar fad lé digh: in aon chlais amháin: id chnapáin mharbh gan chor gan chainnt. D’ól sé an oiread san bainne géir go ndeárna sé meig de féin leis: chuir sé é féin sa tslighe is ná raibh preab ná lúth ann. Budh ghránda leat féachaint air, tá sé ’n-aon mheig amháin: chómh teann cruinn lé soitheach ach é gan aon anam corruighthe. Buaileadh anuas i gcródh an chinn é is deineadh meig de: thuit sé ’n-a chnocán mar thuitfeadh mart ag buille ó bhrothaire.

meigeadán: *f.1.* muga adhmaid tímcheall tómhais cáirt; árus ólta, ciota. Aithlíon na meigeadáin sin, ná fág aon tart ar an gcuideachtain: ciotaidhe: áraistidhe móra conntabhartach mar phínt.

meigeall: *f.1.* an “fhéasóg” a bhíonn fé smeigeal gabhair; féasóg fé chnámh na ngiall. Riamh níor bhearraidh é féin fé bhun a smeigín go raibh meigeall air. Má bheirir ar ghabhar beir ar mheigeall air!

meigeallach: *a.* féasógach ar nós gabhair. Tá rian treasna a scórnaighe sin é fáth gur fhág sé an áit meigeallach chun ná feicfí é: féasógach.

meigeallach: *b.2.* éigheamh nádurdha an ghabhair; pusghail ghuil; tormas ghuil ar nós an leinbh. Na gabhair ag meigealaigh sa choill: ag éigheamh ar a chéile. Ar bhiorán bhuidhe anois mara dtabharfá aire dhuit féin go gcuirfinn-se ag meigeallaigh thú: ag mion-screadghail lé tinneas. Thar a bhfuil de leanbhaidhibh ar an saoghal mór so níl neach is mó meigeallaighe ’ná thu, do shíor is de ghnáth ag gol ’sag cnáimhseáil: tormas is pusghail ghuil.

méighleach: *b.2.* éigheamh dual na caorach, fastaoim; lag-ghlór. Chuirfidís maoithneachas ort, ag éisteacht leó, na leanbhaidhe bochta ag gol, iad mar bheadh uan fáin ag méighleach ar a mháthair: ag éigheamh go truaighmhéileach. “An t-uan ag múineadh a mhéighlighe (meighlín) dá mháthair”, tusa, a dhailtín, bheith d’iarraidh innsint dómh-sa cad budh cheart dom do dhéanamh tar éis m’fhiacla bheith caithte agam ar mo chéird: an neamh-thaithightheach ag múineadh an taithighthigh. Bí ag méighligh leat, tá peataidheacht ort, cuid mhaith: ag gol d’iarraidh aire do thabhairt duit. Chuir sé méighleach as i measc na coda eile: glór. Cuir uaim do chuid méighlighe mar ná fuil aon chúis fachta agat bheith ag gearán: fastaoim.

meighleachán: *f.1.* éigheamh beag, glór beag caorach nó uain. Ar thaobh an chnuic maidean Bhealtaine dob aoibhinn liom meighleachán na n-uan: iad ag glaodhach ’sag freagairt a chéile.

méighlighim: *b. n-a.* éighim ar nós na caorach. Má mhéighlighir faid bhead ag leigeant an bhraoin seo cuirfead an tsnáthad go cnámh ionat: má dhéinir aon ghlór ná gearán is gan adhbhar agat leis.

meilbhíneach: *f.1.* smithire, rud gan tairbhe. Meilbhíneach ar pheann seadh é, ní bheadh leitir scríobhtha ar feadh lae aige: duine gan tairbhe, gan chrích gan anam. Meilbhíneach ar gach saghas cuma go dtí ambáireach seadh thu, ní fhéadfá luach leathphingne do dhéanamh i gceart: duine gan chrích, gan áird. Fasan! a mheilbhínigh, ní lugha liom an sugh 'ná bheith ag déanamh aonnidh it fhochair: rud suarach.

meil-bhleith: *b.2.* meilt, cuimilt cruaidh, giascán. An mheil-bhleith a bhí aige lé n-a fhiaclaibh chuirfeadh in iúil duit go raibh fearg air: giascán ó bheith ghá gcuimilt dá chéile. Ó mheil-bhleith na farraige ar na clochaibh, ghá suathadh is ghá liathradh atá an déanamh cruinn sin tagtha ortha: ghá gcuimilt is ghá scríobadh ar a chéile.

meilim: *b.a. 7 n-a.* mionuighim go mín, brioghaim, caithim, cnaoidhim, millim, claoidhim. Ní mheileann leath-bhró: bró íochtair nó uachtair gan a céile ní mhionuigheann sí an gráine .i. an té ná faghann cóngamh ceart ó n-a pháirtidhe oibre ní féidir leis faic do dhéanamh 'n-a aonar. An té a shiubhalann meileann mín agus garbh .i. an té a bhíos i measc daoine iasachta ag soláthar a bheatha bíonn air aghaidh do thabhairt ar shaoráid is anródh. Sin é meil an lá mar sin ag cómhchainnt les gach aon bhod-an-bhóthair a bhuailfeas umat: déin roilleach di: caith gan chrích é. Meilid muilte Dé go mall ach meilid mion, mín .i. b'fhéidir go mbeadh an cúiteamh nó an tuilleamh ag teacht i bhfad ach 'sé a dhán dréir dlighe Dé é do theacht luath nó mall. Fiú amháin ná feicir go meileann an chloch ghlas leis an síor-shileadh a rádh ná meilfeadh an duine lé duadh an tsaoghail: caitheann sí: téigheann sí i luighead uidh ar n-uidh. Níor mheil riamh é ach an brón 'san easbhaidh: chlaoidh: chaith. Nuair chuireann sé chuige meileann sé a chómharsana ar a thoil: tráchtann go suarach ortha. Meileann cómhrádh caoin bóthar fada: ciorrbhuigheann: ní thaidhbhsigheann sé chómh fada dhá chionn. Is mór mar mheilis lé déidheannaighe, níor fhan do leath ann: chaithis: chnaoidhis: chuadhais as. Mheilfeadh sé an croidhe ionat an luach mór atá ar gach rud do cheannófá is an luach suarach ar an rud do dhíolfá: bhrisfeadh sé é: bhraithfea 'n-a ualach ort é. Mheil cúrsaidhe dlighe furmhór a chuid airgid air: chaith: leaghaidh sé thall 'sabhfus ar chostas gan aon toradh as. An brosna fiacal atá aige chómh daingean láidir - mheilfidís clocha dhuit .i. chognóchaidís aon rud. Nách é an droich-mhianach é, meileann sé a fhiacla lé gomh: cuimleann dá chéile chómh dlúth cruaidh sin iad go mbaineann giascán asta. "Glac na clocha muilinn is meil min etc." (Iosaih XLVII. 2): brúigh í go mbeidh mín ar nós na gainimhe. Ná meil tu féin d'iarraidh cómhairle do thabhairt do is gan fonn a glactha air: mill: cráidh. Mheilfeadh sé a bhfuil de bhrógaibh sa chathair tá sé cómh dian san ortha: chaithfeadh amach iad. Mheil an daradha ar an ngunail leis an síor-tharrac: chaith na cuir ann ó bheith ag scríobadh air. Ná meil a thuilleadh dhed shaoghal 'n-a fhochair: "is fearr scaoileadh maith 'ná droch-phósadh": caith gan tairbhe.

meilit: *b.2.* úirlis mhaol, gan faobhar; rud gan tairbhe. An mheilit-scine seo ní ghearrfadh sí tobac le cur 'on phíp duit: rud gan faobhar gan mhaith. Meilit scine, rainne, cloidhimh, sluaiste, speile etc. Thuit an tsean-mheilit rothair as a chéile air: ceann a bhí ag scaramhaint ó chéile lé haois. Táim im shean-mheilit agus is mithid é, is é deir m'aos liom é: im seanduine chaithte. Do shean-mheilit mar é is iomdha lá oibre fós ann: críon, caithte.

meiliteach: *f.1.* duine nó rud aindeis, tútach, tuathalach. An meiliteach, dá bhfaghadh sé neamh air ní fhéadfadh sé a ghreim do chongbháil ar aonnidh gan é do thuiteam uaidh: duine aindeis. An meiliteach casúra atá aige chun cloch do bhriseadh leis ní láimhseálfadh Oscar é!: aindeis: neamh-áiseamhail. Meiliteach mhná ná cuireann choidhche aon rud as a láimh san ionad cheart: tuathalach, neamhghasta.

meiliteáil: *b.3.* do chogaint chainnte, gliúmáil, meanntghail. An oiread san meiliteála air leis an scéal ná faghaim a thóin ná a cheann: do labhairt go doiléir, neamhchruinn. Ná labharfá amach go soiléir agus gan bheith ag meiliteáil, ná cloisim dhá fhocal as a chéile go cruinn uait: ag cogaint do chainnte. Meiliteáil innste atá tugtha agat ar an gcúrsa, tá gach éinne dall ar cad tá dhá rádh agat: ag ceilt 'sag cur cor ann.

meiliteálaidhe: *f.4.* duine a bhíos ag gliúmáil chainnte, a mhilleas scéal lé droich-innsint. Meiliteálaidhe scéalaidhe seadh thu ná faghadh duine thoir ná thiar: scéaltóir neamh-chruinn: útamálaidhe gan chruinneas innste ná úrlabhra.

meill: (**meidhil**) *b.2.* gnúis ghránda, sprochaid puis, gnúis mhío-shásta; pus mar bheadh ar leanbh ar tí guil. Pé cúis a bhíos nó ná bíonn agat leis bíonn síor-mheill ort: clódh mío-shásta tímcheall fáthanna do bhéil mar bheadh dí-chúis déanta ort. Peata leinbh í sin go dtagann meill uirthe mara ndéanfá ach féachaint cam uirthe: cuma is clódh tuartha an ghuil ar a ceannaghthaibh is tímcheall a béil. Imthigheann an spré leis an bhfaill is fanann an mheill ar an mnaoi: rud reatha seadh an t-airgead, rud cómhnaidhtheach gnúis ghránda .i. nuair bhíonn deireadh airgid na céile gránda caithte is baoghalach di a mí-sciamh do chasadh léi. Chuir sé meill air féin chugham nuair ná féadfadh sé aon tsásamh eile do bheith aige: chonnluigh sé a phusa is gnúis a cheannaghtha i gcuma go raibh olc air. As na céadta a bhí ar bórd nuair shúngcáil an long ní tháinig meill díobh beó: neach: daon. Ar mhéid a chúise ort má gheibheann sé chun a lámh thu ní fhágfaidh sé meill beó dhíot: marbhóchaidh sé scun scan thu. Shuathadar agus thúrnáladar mé ó cheann ceann an tseómra ionnas nár fhágadar meill díom gan gorthughadh is do bhascadh. Níor fhág an chonairt meill den mhada ruadh lé chéile nuair bhí sé marbh aca .i. stracadar as a chéile é. Níl meill de lé fagháil dá gcuardófá go hoidhche é .i. in aon áit níl cao ná dul air.

meilt: *b.2.* do mhionughadh go mín ar nós na gainimhe nó an phúdhair, (do) chogaint, d'ídeach, (do) bhrughadh, do chnaoidhe, do leaghadh; (do) chlaoidhe. An oidhche airéir go bhfuaireas-sa an mheilt uaithe. Ag áirneán lé is ag freastal ar lán tighe de dhaoinibh breóidhte: an duadh is an anacra. Gcloisir an mheilt fiacal?: an chuimilt is an giascán. Tríontaidhthe na hÉireann do fuair an mheilt ós na tighearnaidhibh talmhan – císeanna troma ar an sprioclá is caitheamh as seilbh: géirleanamhaint. Fuairis meilt, a dhuine bhoicht, ón slaghdán, táir seirgthe logartha 'n-a dhiaidh: caitheamh. Siubhal ó Chorcaigh annso i dtrí lá is mór an mheilt a leath: obair chruaidh, dhuaibhseamhail, fhada. Muileann meilte .i. chun gráine do mhíniughadh. Ar fhéachaint air i dtreó oibre budh dhóigh leat go mbeadh rud éigin dhá dhéanamh aige, ní headh ach ghá mheilt: ghá chaitheamh gan puinn do dhéanamh. Beidh meilt na hoidhche de léightheóireacht ar an leabhar san: cuirfir an oidhche isteach leis go spéiseamhail. An ag meilt mo chlúdh atáthaoi?: ag trácht go dío-mholta orm. Focal a sceinnfeadh as a bhéal ní chreidfinn uaidh, ní théigheann laga air ach ag meilt an éithigh: ag cumadh is ag ceapadh rudaidhe ná bíonn fíor. Faid bheidh

an sneachtadh san ar Bhréanainn (cnoc) gan meilt beidh an fuacht san aimsir: gan leaghadh. Éinne a íosfadh an fheóil righin sin ná habradh liom ná fuil meilt aige mar tá: cogaint iongtach fiacal. Dá luathacht bhír ag meilt an bhóthair anois seadh is saoráidighe dhuit é: ag cur díot: bailiughadh leat. Bíonn a theanga san ag síor-mheilt: ag cainnt 'sag trácht ar rud éigin. Meilt ort!: mío-adh ort! Amadántaidheacht duit do bheith ag meilt do chuid airgid ar earraidhibh beaga, neamh-ghábhtaracha: ag caitheamh gan bhrigh. Ghom mheilt féd chosaibh do cheapais, an eadh?: luighe is brughadh orm. Chídhm go bhfuilir ag meilt do bhail go né: ag cogaint: ag ithe. Is mór an mheilt ar éadach trí culaitheanna sa bhliadhain: caitheamh gan féachaint chuige. "Agus do ghabhadar na Filistínigh é (Samson) agus do bhaineadar a shúile as agus do rugadar síos go Gasa é agus do cheangladar é le geimhealaibh práis agus do bhí sé ag meilt i dtigh an charcair" (Breith. XVI. 21): ag déanamh min-mheilt den ngráine. Ar ár ndícheall dúinn ag meilt an scéil, d'iarraidh teacht ar chómhairle éigin: ghá chriathairt ag cur 'sag cúiteamh go dian. Mo mheilt! 'sis fada go bhféadfainn dul in aon ghiorracht do: fairír.

meilte: *a.r.* mionuighthe; mínighthe; brúighte; blodhtuighthe, caitthe, cnaoidhte, ídighthe; leachta. Mo chroidhe is me féin meilte agat d'iarraidh céille do thabhairt duit: claoidhte, cráidhte, loiscighthe. Beidh an t-uisce isteach 's amach sa brógaibh sin, tá an bonn meilte fútha: caithte isteach ar fad ó bhualadh an bhóthair. Ná bíodh súil agat lé buige san aer go mbeidh an sneachtadh meilte: leachta. Má tá an lá so meilte go saoráideach ag éinne is agat é, luach feóirlinge níor dhein do chorp: caithte: curtha isteach. M'fhiacla meilte agam ó bheith ag fógairt air fanacht siar ón inneall conntabharthach san: caithte .i. ní théigheann staon orm ach ghá chómhairleach. An uile rud a bhaineas leis an margadh meilte ar ár dtoil: ciarlálta agus réidhtighthe. Creid me leis go bhfuil fiacla agam agus go bhfuilim meilte aca le tinneas is diachair: traochta. Culaith nuadh go luath – na huileanna is na glúine meilte cheana féin: an bhruth imthighthe is na snáithínidhe caithte.

meilteach: *a.* brúighteach, mínightheach, caithteach. Obair mheilteach ar aon chríostaidhe duine oidhche ar oidhche do chaitheamh ar bholg na farraige i mbád béal-oscailte: claoidhte, traochta. Bíonn an príosún go meilteach ar an nduine, teanntuighthe istigh idir fhallaidhibh gan triall ná coidreamh daoine: claoidhteach.

meilteóir: *f.3.* duine nó rud a mheileas, a mhion-bhrúigheas, a mhínigheas. Nách ag ár sínsear do bhí na meilteóiridhe fiacal, feic aon lá sa teampall iad slán, folláin i gcloigeannaibh fós: a chognóchadh go tréan. Meilteóir maith a bhrúigheas na clocha san 'n-a min: mionuightheóir: brúighteóir.

meilteóireacht: *b.3.* mion-bhrughadh, blodhadh, mionughadh. Muileann meilteóireachta a bhrúigheas gráine – cruithneacht, coirce, eórna etc.: plúr do dhéanamh díobh. Itheann clann an tighe seo an oiread san nár mhór dóibh muileann dóibh féin chun meilteóireachta dóibh: plúr do sholáthar dhóibh. Ag cur síos ort? a leithéid de mheilteóireacht níor chuala ag éinne dhá fhagháil riamh: leibhéal: trácht ort ná raibh ró-chreideamhnach duit: tromaidheacht. Fág fé mhnáibh an mheilteóireacht nuair chuireann siad rómpa é: suainseán: cómhrádh cogair: cúrsaidhe chách do chur trí chéile gan bac ró-mhór don bhfírinne. Ag meilteóireacht atáim ó rugadh me go dúthrachtach, fuilngtheach

gan leathphingne ruadh im spaga anois dá bhárr: ag obair chómh dian, dícheallach is do b'fhéidir é.

méin: *b.2.* meón, aigne, toil, inntin, claontacht, áilne; gnaoi. I bpearsain 'si méin ní bhfuaireas aon locht air .i. thaithnigh a chlódh liom agus a aigne .i. a inntin do chách. Ó, go deimhin féin, ní fhéadfainn locht do bheith agam air fuaireas uaidh lé deigh-mhéin an uile rud a theastuigh uaim .i. gan aon doicheall. Ar mhéin leat teacht im fhochair? caithfimís seal subháilceach i dteannta a chéile: an mbeadh t'aigne leis. Is dóigh, mhuise, má dhein sé an méid féin as an slighe ní hé sin an saghas duine i méin é .i. ní hí sin aigne ná inntin atá ann ó dhúthchas. Is dubh í an sméar ach is milis í; sí an mhéin maith a leighiseas an uile nidh .i. cé nách taithneamhach rud don tsúil go minic bíonn tréithe maithe i bhfolach ann agus is í an toil nó aigne a shocruigheas ár mbeart dúinn. Má tá deigh-mhéin air gheóbhair aonnidh uaidh, mara bhfuil, fan céad slat uaidh!: gnaoi mhaith: ar aiste subháilceach aigne. Aon mhéin ar achrann lé héinne níl agam: claontacht: leagadh lé .i. ní chothuighim im smaointibh é. Is é a méin sin gan cruisteach ar éinne ná aon rud ach freastal a gcúirim féin .i. sin é a dtréith aigne. Is méine liom go mór thu 'ná éinne a bhaineas leat .i. is mó an leagadh, an bháidheamhlacht atá agam leat. Chun na fírinne d'innsint táim cortha ge cúrsaidhibh aite agus budh mhéine liom suaimhneas ná achrann: b'fhearr liom go mór is go fada: is é is mó a réidhtigheas lém stáid aigne. Mara n-éistir liom, mar is méin leat .i. dréir do thola nó t'aigne. Sé a mhéin i measc daoine ná taithnigheann liom. Is beag duine a bheadh deimhnightheach de: an clódh do chuireann sé air féin lé daoinibh: iomchar.

méineamhail: *a.* cneasta, cineálta, meónamhail, caoin, geanamhail, lághach. Labhair sé go méineamhail léi, d'iarraidh a cumha do chiúnughadh: cneasta, lághach. Budh mhéineamhla uait go mór do bhéal d'éisteacht mara raibh focal maith lé labhairt agat ná bheith tarcuisneach: budh mheónamhla, budh chreideamhnaighe. Is deacair d'éinne locht d'fhagháil ar an nduine céadna, tá sé méineamhail ar gach cuma: geanamhail: aigne mhaith aige do gach éinne. Fear deigh-mhéineamhail ná creidfeadh gach aon rud a chloisfeadh sé id thaobh, ná go mbeadh amhras gan deimhin aige: deagh-aigeanta: gan aon chlaon 'n-a inntin.

meirbh: *a.* lag, fann, maoth, neamh-anamamhail, cneasta. Aimsir mheirbh í ná fágfadh aon anam i nduine, níl boladh den ngaoith ann: brothallach, múchta. Tá an réidhleán teine sin ró-mheirbh chun suidhe in aice léi lá te mar é seo: marbhthach: dímbríoghach .i. shúghfadh sí an t-anam as dhuine. D'fhear mhór, ghroidhe nách meirbh an glór atá aige, budh dhóigh leat gur breóidhteacán leinbh é: lag, fann, gan aon tathnag. Bí chómh meirbh leis is d'fhéadfair: is fada ó bheith ar fóghnamh é agus is furaiste líonrith do chur air: cneasta síbhialta. Croidhe ró-mheirbh aige mar dhochtúir chun tabhartha 'n-a aonar fé chás chómh tábhachtach leis: neamh-mhisneamhail.

meirbhe: *b.4.* buige, fainne, laige, maoithe, lag-pháis, brothallacht, múchtacht, cluthaireacht. Táim 'om mhúchadh istigh annso lé meirbhe na háite, scaoil leóithne gaoithe chugham: cluthaireacht, múchtacht is ceal aoir. Nách mór an teas 'san brothall do bhíonn sa dúthaigh chéadna go gcaitheann gach éinne sos is luighe do dhéanamh in árd

an tráthnóna: múchtacht is cluthaireacht an aoir. Meirbhe éigin orm indiugh, nár thúisce liom aon rud ná síneadh siar ceal anamamhlachta is gluaiseachta.

meirbhim: *b.a.* laguighim, bainim an bhrigh as. An aimsir cheódhach so mo namhaid-se, meirbheann sí ar fad me nách mór go mbíonn ionam corruighe: claoidheann: buaileann sí mo cheann fúm. Chuir an dochtúir stuif éigin im chuislinn lé snáthaid a mheirbhigh an pian a bhí orm: bhain an t-anam as.

meirbhitighe: *b.4.* lagachar, fainne, dí-mbrigh; ceal spiride. Aon tsuim ní chuireann in aon rud anois, é lán de meirbhitighe nár dóigh leat gur bh'é an fear lúthmhar céadna a bhí ann bliadhain ó shoin: mairbheacht: neambrigh: tréigean éascaidheachta. Pé rud atá ar mo mhéireanntaibh lé meirbhitighe ní fhéadfainn breith ar aon rud: gan ghus. Aon chainnt níl asat indiugh, cá bhfuil an seodh 'san ghreann? Tá meirbhitighe éigin ort: éascaidheacht na spiride imthighthe.

meirbhthean: *f.1.* múchtacht teasa, cluthaireacht, fainne, brothallacht. Bheifeá ag leaghadh id bhraonachaibh lé meirbhthean an trathnóna tréis teasa uathbhásaigh an lae: teódhacht is múchtacht an aoir. Ná bíodh aon phioc dá mhearbhall ort go dtiocfaidh aon mheirbhthean air siúd tabhairt fé, dá dheacracht é, ó tá rud dá bharr aige: fainne spiride.

méirdreach: *b.2.* striapach, straip, adhaltrach, bean choitcheann, toice ceanndáine. "Is budh mhaith an mhéirdreach í (Éire)" .i. a lia riaghaluightheóir a bhí uirthe. A mhéirdreach dá bhfaghainn-se greim ort, ní chuirfeá do theanga amach airís fúm: a thoice gan béasa. "Agus féach thárlaidh bean air i gculaith méirdrighe agus í géar-chúiseach i gcroidhe" (Seanráidhte VII. 10). "Agus adubhradar san ar chóir dó-san a ndéanadh lé n-ár ndribhshír-ne mar do dhéanfadh sé lé méirdrigh?" (Gen. XXXIV. 31): í do chumaisc is gan í mar chéile aige. "A mhic (na) méirdrighe! fág mo radharc!" deirtear i bhfeirg mhóir .i. a rud thoghtha. Deirtear lé duine gan mhaith nó nách féidir iontaoibh do bheith as, "b'fhearr dhuit mac méirdrighe 'ná é" .i. éinne ar bith eile roimis.

méirdreachas: *f.1.* striapachas, adhaltranas. Rugadh i méirdreachas uirthe: ag déanamh cumaisce neamh-dhleaghthaighe: conbharsáid choitcheann lé fearaibh. "Óir do rinne a máthair méirdreachas; an bhean do ghein iad san do rinne sí nidh gráineamhail, óir adubhairt sí leanfaidh mé i ndiaidh m'aos grádha do bheir dom mo chuid aráin is uisce, m'olann is mo líon, m'ola is mo dheoch" (Hoisea II. 7): cumaisc coitcheann lé fearaibh: d'imthigh an mháthair coitcheann ar son faghál tais.

meirg: *b.2.* screamh ruadh-dhearg nó buidhe-dhonn a thagas ar iarann is ar mhiotalaibh eile go mórmhór ó léighe na síne; claonadh lé míochumas aon rud do dhéanamh; neamh-éascacidheacht aigne nó gnímh; mío-shástacht; teimheal. Ná cuir aon mheirg anois orm, níl aon deagh-ghnaoi cheana orm is ní deacair me do chorruighe: ná déin aon rud a chorróchadh m'fhearg. Meirg an diabhail féin atá air an aimsir seo nuair chídheann sé ag éirghe leis gach éinne ach leis féin: ciapuightheacht: míoshásamh. Lé déidheannaighe is eagal liom go bhfuil meirg ag teacht ort, ní fheicim faic scríobhtha ód láimh: spaideamhlacht: mairbheacht chun gnímh tagtha ort: an éascaidheacht 'san fonn báidhte. "Trí rudaidhe ná tagann meirg ortha – teanga mná, cruidhte capaill búistéara, agus

airgead lucht carthanachta" .i. bíd do shíor ar siubhal is ní baoghal snas do theacht ortha. "Is iongtach go léir an méid cainnte do bhíonn aige" – "ná bíodh aon eagla ort go dtiocfaidh meirg ar a theangain" .i. go dtiocfaidh screamh ná crapuightheacht uirthe lé suaimhneas. Éirigh amach is caith dhíot meirg an gheimhridh: an spaideamhlacht a lean gan bheith gabhtha i ngnóth: neamhluadar díomhaointis. Tá an mheirg dulta sa cnámhaibh chómh doimhin sin anois agat ná bainfeadh an saoghal mór obair asat: díomhaointeas dearg. Bí subháilceach, cuir díot an mheirg, níltear ag lorg puinn ort: an mío-shásamh, crostacht. Dá mbeidís ag cainnt 'sag suainseán orm go gcuireadh Dia fios ortha ní chuirfeadh sé pioc meirge orm: mairg ar bith. Meirg arbhair: an salachar ruadh a thuiteas as. "Tá bhur gcuid óir is airgid ar ghlacadh meirge agus beidh a meirg 'n-a fiadhnaise 'nbhur n-aghaidh agus cnaoidhfidh sí bhur gcuid feóla mar theine etc." (Séamas V. 3) .i. snas ag teacht air cheal a chaithte nó a chur chun reatha. "Ná cruinnighidh ionmhas ar an dtalamh mar a dtruailleann an leamhan is an mheirg é, agus mar a dtochlaid is mar a ngoidid na bitheamhnaigh" (Matha VI. 19): snas liath air.

meirge: *f.4.* brat, scailp. Éirigheann meirge (ceóidh) siar fén gcurrach maidean nó tráthnóna samhraidh lé hathrughadh aimsire: scailp éadrom: brat gur dhóigh leat gur thlacht mná é. Drúcht is deireannaighe is meirgidhe ceóidh, sin iad a osclóchadh do shúile dhuit .i. bheith amuigh fútha san a gheóbhadh tríot.

meirgeach: *a.* snasach, screamhach, míoshásta, mí-chéadfadh, dreóidhte. "Thairng sé an sean-chloidheamh meirgeach is sciob an ceann den bhfathach" .i. cloidheamh a bhí ag cnaoidhe. Scian mheirgeach gan aon tairbhe: í ag caitheamh 'n-a screamh is 'n-a screamh. Ná bí chómh meirgeach i bhfreagra ar éinne, bí cneasta: mío-shásta ulfartach. Beidh sé árd-mheirgeach liom, ach is cuma dhom, mara bhfaighead "bata is bóthar", toisc a chuid gnótha do lat air: meacanta, gearbach, míchéadfach. D'aithneofá in aon áit an fear a mheádhaim, mar tá ceannaghtha meirgeach aige: bricearnach innte. Dheineas chómh meirgeach lé sean-mhiúil go mbeadh mairc uirthe é: goirgeach, malluighthe: nimhneach.

meirgiughadh: *f.* (*-uighthe*) do chur meirge suas; do dhul chun mío-áise; do ghoirgiugadh. An céachda ag meirgiughadh cois claidhe, leis an sín: brait no screamhacha ag éirghe dhe lé caitheamh. In ionad aon mhaoluighthe do bheith ag teacht air de bharr mo chómhairle is ag meirgiughadh chugham do bhí sé: ag éirghe chun stalcaidheachta is feirge. Aon mheirgiughadh ní chuireann do chuid táthaireachta orm-sa, táim bog air: crostacht: corruighe aigne. An aimsir seo táim ag meirgiughadh istigh, luach feóirlinge ní bhíonn ar siubhal agam: leadaidheacht.

meirgighim: *b.a.* ₇ *n-a.* goirgighim, fearguighim, bainim chun mío-shástachta. Ná meirgigh ró-mhór leis an dteangain é ar eagla uilc do theacht air: ná téighir dian air. Níl aon rud is mó a mheirgigheas é ná a rádh leis go bhfuil cuma aosta ag teacht air: is mó a chuireas cochall air. Ní gábhadh dhom ach fiar-fhéachaint do thabhairt air, tá sé chómh mí-bhuidheach san díom nuair mhéirgeóchaidh sé: lasfaidh sé.

meirgighthe: *a.r.* fé shnas meirge, fearguighthe, tógtha, goirgighthe. Choidhche ní bheadh sé leath chómh meirgighthe mara mbeadh a rádh leis ná raibh ciall gealbháin aige tar éis an amhrais go léir atá aige air féin: goirgighthe: lasta chun droich-mhianaigh.

Scian mheirgighthe ó bheith múchta i gcré: screamh nó snas caithmheach tagtha uirthe. B'fhearr gan focal do rádh liom anois, táim meirgighthe mo dhóthain cheana gen dtigh seo atá ag dul díom a ionnramháil: clipighthe is cráidhte ar barrghail feirge.

méirín: *f.4.* méar bheag, clúdach leathair etc. do mhéir; in imirt phúirínidhe leigeant do cheann aca tuiteam. Eoghan an mhéirín .i. go raibh méar bheag air seachas na coda eile. Dá mbeadh méirín uirthe sin agat ón salachar is ón bhfuacht seadh is túisce chneasóchadh sí: clúdach. Níl méirín istigh (cluiche) .i. cead cinn aca do leigeant uait. Ó na méirínidhe gleóidhte atá ar mo leanbh: cúmtha deasa. Méirínidhe partáin, etc.

méirleach: *f.1.* sladaidhe, gadaidhe, bitheamhnach, cladhaire, coirptheach. Méirleach ceart a bhrisfeadh isteach in eaglais is a choillfeadh bosca na mbocht: coirptheach; duine gan teóra lé n-a droichbheartaibh. Méirligh do thugadh Sasanaigh ar Éireannaigh a chuireadh suas dá ndlighe is a throideadh í, ach iad féin na méirligh chearta a bhain amach lé lámh láidir ár bhfearann: lucht fógartha dlighe chirt...bitheamhnaigh. Stracfainn an ceann as an muineál aige pé méirleach a bhris mo dhoras is a d'árduigh leis ar fhéad sé: sladaidhe. Ar thuiteam don mbaile níor fhág méirligh faic ges na daoinibh: lucht foghla. Bíonn an méirleach san, gan lag air, ag déanamh toirmisc ameasc daoine: fear déanta uilc is mioscais.

méirnéis: *b.2.* tóirtéis, leac-steámar, mór-is-fiú. Níor dheacair méirnéis do chur air dá mbeadh aonnidh cóir aige: mór-is-fiú do theacht aige air féin. Tagann méirnéis air má dheineann sé aon rud beag in ao'chor is dóigh leis go dtógfadh na daoine ceann de: meas mór aige air féin. Cad chuige an mhéirnéis go léir as an éadach nuadh?: an t-éirghe anáirde gan chall.

méirnéiseach: *a.* tóirtéiseach, leac-steámarach; prómhaidhe. Duine beag is méirnéisighe ar an mbaile ní bhfaghfá, is éachtach go léir an meas do bhíonn fé: is tóstalaighe: is mó tuairme as féin. Árd-mhéirnéiseach ar fad gur deineadh saoiste dhe: tóirtéiseach.

méirscre: (**méiscre**) *f.4.* rian, scoilt i gcarraig, riasta; an gearradh nó an pléascadh croicinn a leanas oighear. Agus me ag siubhal treasna na carraige chuaidh sál mo bhróige síos i méirscre is tógadh liom ar mo bhéal is ar m'fhiaclaibh: scoilt chaol, dhoimhin. Méirscridhe ar fad seadh mo lámha ón sioc is ón nduibheacha, is iad chómh tinn, clamparach: gága: scoilteacha tinne: créachta croicinn is feóla ón bhfuacht. Chuaidh an bíoma lé neart na farraige ceangailte ar a cheann isteach i méirscre faille: gearradh nó scoilt gharbh. Gheóbhfá partáin go han-mhinic i méirscre carraige: poll beag. D'fhág buille cloidhimh méirscridhe treasna mo chorráin: rian. Is olc an dúthchas méiscridhe: tá a leithéid de dhúthchas ann, is nára maoidhte ar dhuine é 'ná iad. Dhein tuile an chnuic méiscridhe treasna an bhóthair ná féadfadh duine ná ainmhidhe iad do shiubhal: créachta.

méirscreach: (**méiscreach**) *a.* riastach, gágach, garbh, cneádach. Bóthar méirscreach i ndiaidh na dtuilte: créachtach, gleanntach. Carraig mhéirscreach atá chómh géar lé snáthadaidhibh: scoilteach: gearrthach. Talamh méirscreach é gur deacair a threabhadh: lán de charraigeachaibh talmhan: gearbach a cheannaghtha ar fad méirscreach ó bheith ag bruighean: lán de riastaidhibh mar a raibh gearraidheacha. Is cuimhin liom go gcaitheadh

mná lóipínidhe sa gheimhreadh chun ná beadh drom a gcos méirscreach ag an nduibheacha is ag an sioc: an croiceann briste ortha.

méirt: *b.2.* méirleach, brathadóir, feallaire; duine a bhraitheas duine eile nó cúis gur chóir do bheith dílis do, nó a ghníos conbharsáid le namhaid a thíre chun a haimhleasa. An cleite is aoirde i gcaipín Éireannaigh Sasana do thabhairt méirt air. Dá stracfaidís as a chéile idir chapaillibh é ní bheadh sé 'n-a mhéirt bhí sé ró-dhílis: ní scéidhfeadh sé ná ní theipfeadh sé. Iúdas an mhéirt budh thruaillighthe riamh: an méirleach: brathadóir.

méirtneach: *a.* fealltach, mí-dhilis. Ní fhéadfadh sé faic budh mhéirtnighe 'ná sinn do mhalartughadh ar an namhaid, is scéidheachtaint ar ár mbeartaibh go léir: b'fhealltaighe: budh mhí-dhilse.

meisc-bhriathrach: *a.* leath-bhalbh lé póit. Aon tát níor bh'fhéidir do bhaint as a ghlór mar budh léir go raibh sé meisc-bhriathrach: seachmall cainnte le reacht dighe.

meisce: *b.4.* claoidhteacht lé digh láidir; bachaireacht, corruighe incheann is grogaidheacht cuirp de dheascaibh tréan-dighe, póitireacht. "Dómhnall ar meisce is a bhean ag ól mise is a ghárlaigh ag béicigh etc.": é ghá dhalladh féin lé digh etc. Ní ólfad a thuilleadh, táim ar bog-mheisce cheana féin, níl aon iomchar agam air: corruighthe chun meisce. Ní cuimhin leis faic, ní raibh aithne a bheart aige, bhí sé ar dearg-mheisce: ar meisce ó thalamh. Táim chómh caoch (dall) san ar meisce anois ná feadar cá bhfuilim: dall amach. Ná bíodh aon iontaoibh agat as fhear meisce, ní fheadraís cad thárlóchadh do: duine ar póit .i. go mbíonn a mheabhair 'sa chiall scaipighthe air. "Meisce mhór do ghní lionn/ beag iongadh liom gan bheith buan/ airgead do bheirim go réidh/ ar son mo chéile do bhreith uaim". Bhís ar meisce is ar mire, níor bh'eól duit cá rabhais ná cad bhí ar siubhal agat: ar buile lé digh. Lá ar meisce is lá ag ól uisce .i. airgead chun dighe lá, lá eile ag brath ar an uisce. Bean ar meisce bean in aisce .i. ní deacair dul 'n-a clúid. "Beidh síth agam, gidh go siubhlaidh me in easurramacht mo chroidhe féin, ag cur meisce i gcionn an tarta" (Deut. XXIX. 19). "Ní cheileann meisce rún" .i. an rud a bhíos istigh ag an té a bhíos fé chómhacht dighe scéidheann sé air. Meisce an phúca a dheineann sé sin .i. ag dul ar digh i nganfhios, leis féin. "Tnúth, dúnmharbhadh, meisce is craos, is a samhail sin...nách bhfaghaidh a shamhail seo oidhreachta ríoghachta Dé" (Gal. V. 21). "Ar a mheisce nó ar a chéill fear macánta seadh é": fé chómhacht dighe nó gan etc. Scéidheann an mheisce mí-rún: an smacht a bhíos ag duine air féin ar a chéill leigheann sé leis an ndigh. Is iomdha duine a bheadh ar meisce ach lé leisce bheith ag díol as .i. mórán ná cuirfeadh suas de dhigh dá bhfaghaidís tarrac in aisce air. Go saoraidh Dia sinn, bíonn meisce buile air nuair bhíonn an iomad caithte: gan aon chiall léi. Meisce mhór ar fuaid sceach ort (cleith-mhagadh) .i. ghot iomlosc féin go mbír ionta léi. Cad a bhí ort is a leithéid de mhargadh ait do dhéanamh? ní har meisce ná ar díth chéille do bhís? .i. bhí do chiall is do mheabhair go hiomlán agat. As a mheisce dho thuit sé i bpoll: de dheascaibh. "Bhíos ar meisce, a athair" – "an rabhais ábalta ar dhíol is ar cheannach?" – "bhíos" – "éist mar sin, a bhreallsúin!!!" Ní chuirfeadh a bhfuil de bheathuisce i gCorcaigh ar meisce é! Nuair thána i dtalamh as an mbád bhíos ar meisce: mo chosa neamhshocair fúm. Bas sa tóin lé fear meisce go deo .i. é do chaitheamh amach nuair bhíonn deireadh caithte aige. Sé saghas é, dá mbeadh sé ar stealladh na ngrás(t) lé meisce ná tabharfadh sé

tarcuisne d'fhear ná do mhnaoi .i. ar é do bheith gan aon treóir. "Ná cuir a leath oiread natha ann, bhí sé ar meisce" – "bhí ar meisce feirge": budh mhó ar a fheirg 'ná ar an méid dighe a bhí ólta aige. Tháinig codladh meisce air: thuit sé 'n-a mheig lé digh. Riamh roime seo ní fheaca id mheig chómh mór ar meisce thu: id chnapán (chlais) gan treóir. Chuir sé caoir mhór mheisce: ar mearbhall lé digh ar feadh laetheanta. "Líonfar lé meisce is lé doilgheas thu lé scála uathbháis agus dóláis agus le scála do dhribhshéar Samaria" (Esc. XXIII. 33). Táir ar stealla-mheisce an bhfuil a fhios agat cá bhfuilir ag gabháil: trom go maith lé digh. Connus bhaineann sé an tigh amach oidhcheannta dorcha is é ar na stárthaibh meisce: "an-imthighthe": an mheabhair scaipighthe soir siar. Bíodh do mheisce ort féin .i. ná bí ag breith ar éinne eile chun dighe. "An mheisce máthair gach uilc" .i. is uaithe shíolbhuigheas mór-chlampar. Geineadh i meisce iad, na leanbhaidhe bochta: athair is máthair mheisceamhail. Ní heól dom cad tá dhá déanamh agam lé meisce meidhréise!: lé meidhréis ró-mhór tá mo cheann tógtha.

meisceamhail: *a.* tugtha do dhigh, mearbhallach, ar aiste meisce. Is meisceamhla go mór beathuisce 'ná leann dubh: is túisce d'fhágfadh rian ar dhuine. Deoch mheisceamhail: deoch mhearbhaill. Ní deocha boga is méine leis ach deocha meisceamhla. Cainnt mheisceamhail nár chuireas aon tsuim innte, dá mbeadh sé ar a chéill ní labharfadh sé mar sin: de dheascaibh dighe mearbhaill.

meisceamhlacht: *b.3.* céilidheacht nó tréith na meisce; de bhéas bheith ar meisce. Ní bhfaghadh sé beart ná ionad lé n-a mheisceamhlacht: claonadh lé bheith ag ólachán go trom. Níor bh'fhéidir é do dhearbhughadh ar an uain lé n-a mheisceamhlacht: é ar mearbhall dighe chómh mór san. Tá greim gabhtha gen mheisceamhlacht chómh daingean san air nách féidir leis éirghe aiste: an leagadh atá aige lé trom-ólachán.

meisceóir: *f.3.* póitire, bachaire, fear mór dighe mearbhaill. Ag tabhairt dhá thaobh na sráide isteach ar nós an mheisceóra: ag imtheacht ar mí-threóir. Bíonn a rian ar an meisceóir is ar a gnóth .i. an té gur gnáth leis bheith ar meisce is furaiste san do thabhairt fé ndeara ar a dheallramh féin agus ar a chúirimidhibh.

meisceóireacht: *b.3.* póitireacht, bachaireacht. Budh mhaith an rud san meisce ach meisceóireacht .i. ní bheadh sé chómh dona an deoch do ghabháil an lámh-uachtair ar dhuine turus, ach síor-ghnáth do dhéanamh di. Thárla bruighean mheisceóireachta eatartha: de dheascaibh iomad dighe.

méiseáil: *b.3.* útamáil ruda ó árus go hárus; do chur trí chéile. Cad í an mhéiseáil atá ort leis an bhfeóil sin ná cuirir a chuid féin chun gach éinne: cur trí chéile: útamáil. Dhoirt sí an bainne lé n-a cuid méiseála .i. bheith ghá ionnramháil gan chruinneas. Caith an mhéiseáil sin chun an mhadra, níl sé oireamhnach d'éinne lé n-itheadh: trufais bídh: fruis frais. Ní leann dubh a fuairis ach méiseáil na coda eile: dríodar: fuighleach caithte trí chéile. Ag méiseáil tímcheall na cistean do chaitheann sí furmhór a saoghail: gliúmáil gan chrích. Má fuair aon rud méiseáil fuair an biadh san é: útamáil nár oir do. Ná fág fé n-a méiseáil sin é, nó ní fiú é d'ithe: neamh-chrích.

méisín: *b.4.* mias bheag; oiread agus raghadh uirthe. Méisín mhine don mbuin. "Méisín chúmtha, chámtha, a béal fúithe is a tón anáirde" (duanaireacht leanbh). Bíodh gach éinne ar a mhéisín féin .i. itheadh gach éinne a chuid leis féin.

meisneach: *f.1.* an tréith nó an cháilidheacht aigne a thugas ar dhuine aghaidh do thabhairt ar ghuais, deacracht, bagairt, tinneas etc., gan eagla 'n-a thaobh; cródhacht, dánaidheacht, neamhfhaitchíos, brigh, fonn. Glac meisneach, ná bí in ísle bhrighe: bíodh spirid ionat. Níl aon mheisneach bídh air .i. fonn chun a ithte. Ná cailleadh an taom san do mheisneach ort: ná baineadh sé do spirid dhíot. "Níor chaill fear an mheisnigh riamh é", deirtear lé duine éirightheach ar chúrsa a thaidhbhsigheas an-chailleamhnach. Thug an deoch láidir sin breis mheisnigh dom: spionn, bhíodhg sí me. Connus tá an meisneach? .i. do shláinte is do spirid. Ná bíodh aon mhí-mheisneach ort roimis an mbás, caithfeam go léir an bóthar céadna do thriall: doicheall: ná bíodh scannradh agat roimis. Níl meisneach leinbh agam indiugh: níl ionam aghaidh do thabhairt ar aon rud mar dhéanfadh fear. Nuair chonnaic sé an clódh a bhí ortha maidir lé biadh is éadach ní bhfuair sé 'n-a mheisneach iad do chur amach leis an gcíos: de neart aigne ann droich-dhéanamh do thabhairt dóibh. Is mór an meisneach do uibhe fuara do shlogadh ar an gcuma san: neart aigne chun rud do chaitheamh. Nách lag-pháiseach an duine me ná faghainn im mheisneach (ná beadh de mheisneach ionam) dul i ngiorracht corpáin: an méid sin spiride. Ní raghainn it fhochair in áit chómh conntabharthach, mar tá a fhios agam-sa gurb é meisneach na dighe atá ionat: an dánaidheacht do spriogann an deoch. "Meisneach maith ort", deirtear lé duine a bhíos ag tabhairt fé dheacracht .i. nár chaillidh do spirid: cothughadh dánaidheachta chughat. Is olc agus is lán-olc an meisneach orm a rádh ná fuil aon dul agam ar éirghe liom: cóngamh meanman. Cuireann do mheas ar mo shaothar meisneach orm chun breis saothair: árduigheann an croidhe agam. Ó bhí sé de mheisneach agat (rud éigin do dhéanamh liom) bíodh leat: neamh-eaglacht. Níl aon bhreis meisnigh air in ao'chor: puinn feabhasa. Mara mbeadh tusa do bheith ag cur meisnigh air d'fhanfadh sé macánta, suaimhneasach: ag séideadh fé. Ná bí ag cainnt, a dhuine, tá meisneach capaill aige sin .i. d'íosfadh sé aon rud nó thabharfadh fé aon rud do dhéanamh. "Anois an t-am má tá aon mheisneach agat" .i. dubhshlán chun bruighne nó chun ruda nách mór dánaidheacht is neamh-eagla. B'fhearr liom go mbeadh leath do mheisnigh agam: fonn ithte. Níl pioc meisnigh rinnce (iascaigh, siubhlóide, etc.) orm: fonn. Fear meisnigh cúcha (cártaidhe) .i. duine neamh-eaglach: an t-imireóir ceart. Meisneach ge Dia ort .i. go neartuighidh Dia leat.

meisneamhail: *a.* dána, muinghineach, dóchasach, bríoghmhar, neamheaglach, neamh-meathtach. Is meisneamhail an duine is an méid sin muic-fheóla d'ithe, mharbhóchadh san fear eile: aigne láidir bídh. Níor sheasaimh riamh an ball 'n-a aonar i gcoinnibh cúigir ach fear meisneamhail: neamh-eaglach. Brathaim ar an bhfoirinn go léir iad meisneamhail go mbuadhfaid: muinghineach. Dubhairt an dochtúir go raibh gach aon dul go mairfeadh sé, sin focal meisneamhail: a thabharfadh dóchas. Riamh ní rabhas chómh mí-mheisneamhail sin ag cur chun aon ruda is táim chun an bhóthair fhada so: neamhfhonnmhar. I gcómhnaidhe tugaim fé ndeara an focal maith aige dá olcas cúrsa, duine meisneamhail é: spirideamhail. Deoch mheisneamhail rúm nuair bheadh duine fuar, fliuch: brioghmhar.

meisneamhlacht: *b.3.* dánaidheacht, neamh-eaglacht, neart, bríoghmhaireacht. Is mór ar fad an mheisneamhlacht bheith chómh sultmhar is a laige is a olcas atá sé: neart spiride. Ní fhéadfadh gan feabhas mhór do bheith dulta air mar ní gan meisneamhlacht atá sé ag gabháil lasmuigh: breis muinghine bheith aige as féin. Is beag rud go gcuirim suim anois ann, d'imthigh an mheisneamhlacht: an phreab chun rudaidhe d'ionsaidhe go neamh-dhochmamhail, bríoghmhar.

meisnighim: *b.a.* neartuighim, tacuighim, meanmnuighim. É do theacht agus suidhe cois leapan agam an uile lá i rith mo luigheacháin, ag cainnt liom 'sag meilt na haimsire, mheisnigh go mór me: thug furtacht is dóchas dom. Sin é díreach, gach uair a lochtuighim-se é, misnigh-se é: tacuigh-se nó neartuigh leis lé cainnt. Maidir lé faoidhrigh is lé béicigh do, do mheisnigh an sluagh é: mheanmnuigheadar: chuireadar breis spiride ann. Ní mheisneóchaidh sé an namhaid scata áthraighe leó do shúngcáil: ní mhéadóchaidh sé ar a muinghin chun buaidhte. Tá geallamhaint deich bpúnt fachta agam, meisnigheann san me: tógann mo chroidhe. Ith an bhéile mhaith the sin anois i gcóir an bhóthair, meisneóchaidh sí thú: neartóchaidh do spirid is do bhríoghmhaireacht.

meisnighthe: *a.r.* meanmnuighthe, neartuighthe, spriogtha chun gnímh. Táimíd go léir meisnighthe 'n-a thaobh airís go ndubharthas go diongmhálta ná scarfí lé n-ár bpúirteannaibh ar aon méid comaraitidhe a gheóbhaimís 'n-a gcoinnibh: ár ndóchas neartuighthe. Bhraith sé an-mheisnighthe tar éis an dochtúra adubhairt leis ná beadh seóid air: suaimhneas aigne curtha air.

meisnightheóir: *f.3.* neartuightheóir, sprioguightheóir, meanmnuightheóir. Mara mbeadh meisnightheóiridhe do bheith air ná raibh ar mhaithe leis b'fhada go ndéanfadh sé as féin é: lucht spriogtha.

meisniughadh: *f.* (*-uighthe*) do neartughadh i spirid, i muinghin, i ndóchas. Tá meisniughadh mór dulta ar mo shláinte lé dhá lá: feabhasughadh. Meisniughadh ceart ar na hiascairidhibh breis luacha do bheith ar an iasc: spriogadh chun a mharbhtha. Sin í an chéad leitir mheisnighthe do fuair ó thuit an clampar so orm: a mhúsclas mo spirid. A luighead meisnighthe a déanfí air anois agus ní stadfadh Éire é .i. aon tacaidheacht in ao'chor do gheóbhadh sé.

méith: *intriath.* an glaodhach chun caorach. Méith! méith! (leantar i bhfad ar an "é").

méithe: *b.4.* saill, blonag, gréis, saidhbhreas, buige is feólmhaire. Baint leis an bhfeóil ní fhéadfainn lé n-a méithe: buige is saidhbhreas. D'fhásfadh aon rud ann lé méithe na talmhan: saidhbhreas.

meitheal: *b.2.* scata fear gan tuarastal ag baint mhóna etc. Lá meithile mhóna againn seadh é .i. go bhfuil cuid mhór des na comharsanaibh bailighthe chun cabhartha. Meitheal bhainte arbhair: scata ag spealadh is ag ceangal. Ní bheinn im bhoidín meithile ag éinne: maidrín lathaighe: ag déanamh pé rud budh mhian leis do: gan aige ach glaodhach orm chun a thola do dhéanamh. Tá meitheal chlainne agaibh, bail ó Dhia oraibh: scata mór. Tá meitheal agaibh ann, bail oraibh: cuid mhór in aon chuideachtain.

meithealaidhe: *f.4.* fear a bhíos i measc meithile. Meithealaidhe maith seadh é .i. tugann sé mórán laetheanta ar obair ghéibhinnigh mar lá móna etc.

meitheamh: *f.1.* an séamhadh mí den mbliadhain; corplár aon cheann des na séasúraibh. Tá sé 'n-a mheitheamh .i. 'n-a aimsir aoibhinn. An aon iongadh fuacht do bheith ann is tú i meitheamh an gheimhridh: istigh 'n-a lár.

meithín: *b.4.* an chos nó an bata a bhíos sáidhte i stiúir.

meón: *f.1.* an aigne, mian, ceapadh, nádúir duine, teadh, gnaoi, módh, nós, béas. Bean go bhfuil meón galánta aice: iomcharann sí í féin ar an gcuma san. Nách gránda an meón ithte atá agat do scian do chur chun do bhéil: béas, nós, módh. Bíodh meón leat: slighe nách féidir locht d'fhagháil uirthe: bíodh réasún léd ghníomh. Ith do mheón, fút féin atá: an méid is mian nó is toil leat. An meón céadna i gcómhnaidhe aige – leanamhnach, grádhmhar: an tslighe chéadna aigne. Cad budh meón leat? bíodh do rogha rud sa tsiopa agat: cad is mó go mbeadh fonn ort a thógaint. Ní meón liom thu ach b'fhéidir nách ort atá an locht: níl aon bháidh aigne agam leat. An bhfuilir ar aon mheón liom sa méid sin?: ar aon aigne. Féach gurb ait an meón atá aige gur mór leis aon rud breise do bheith ge n-a chómharsain: claonadh aigne. Níl aon mheón agat is na bróga tútacha san do chaitheamh lá na saoire: módh i gcaitheamh éadaigh etc. B'fheárr liom go mbeadh do mheón agam ná cuireann nath in aon rud: do shlighe. Is breágh an meón do chuir Dia chuige ná cuireann aon rud mhairg air: stáid aigne. Fág ar a mheón féin é, mara maith leis bheith linn: pé teadh atá 'n-a cheann leanadh sé é. Níl aon mheón fir aige .i. aon tréith fearamhlachta.

meónamhail: *a.* cáiréiseach, teadhamhail, beadaidhe, galánta, deaghbhéasach, meastamhail. Bíonn sé meónamhail leis gach éinne, tugann a cheart do chách: gnaoidheamhail, galánta. Duine meónamhail seadh é a chaitheas ciall lé gach rud .i. ní théigheann thar chailc in ao'chor. Ró-mheónamhail a bhí sé leat ar ar dheinis de díochúis air: boigéiseach: lé buige a nádúra thug sé déanamh comhthrom duit. Bean an-mheónamhail tímcheall a cuid éadaigh: cáiréiseach: tá tuigsint mhaith aice cad is éadach maith taithneamhach ann. Ná hith chómh neamh-mheónamhail is go gcloistear ar fuaid an tseómra thu: neambéasamhail: sásamhach don aigne.

meónuighim: *b.a.* cuirim mo dhúil ann, mianuighim. Aon rud atá annsan anois a mheónuigheann tu bíodh agat: go gcuirir do dhúil ann. Ní mheónóchainn feóil shaille bíonn sí ró-mhútamhail dom: ní chuirfinn mo dhúil innte. Meónuigheann sé go mór do chuideachta: is breágh leis í.

mí: *f.* $_7$ *b.* cheithre seachtmhaine. Leanbh mí (míosa): den aos san. Chaitheadar mí na meala i gCill Áirne: an seal a chaitheas lánamha nuadh-phósta leó féin ón mbaile go díreach tar éis ceangal dóibh. Cuimhniughadh míosa: ceileabhradh creidimh mí tar éis bháis duine. Ag déanamh cuimhniughadh míosa ar an lá atáimíd: ghá sholamnughadh: ghá thabhairt fé ndeara dréir nós áirighthe.

mí-: *i gcfbh.* olc, droch-, ceal, easbhaidh. Tá an mí-ádh ghom leanamhaint riamh agus beidh go deó: ní éirigheann aon rud liom. Ar an máirseáil a bhí tímcheall an tighe air, tháinig mí-amhras agam air .i. buaileadh im aigne go raibh sé ar tí díoghbhála do dhéanamh. Táim ar mí-aiste annso, cabhair liom: nílim comhthromamhail: tá rud éigin bun os cionn liom. Mí-áird ort maran iomdha duine cráidhte agat: droch-rath: righe ná rath ná raibh ort. Cé go mb'fhéidir nách dóigh leat san níl aon mhí-bháidh agam duit: ceal ceana: droch-aigne. Duine mí-bhéasach éinne ná beannuigheann ar theacht isteach i dtigh do: gan múineadh. Cad é an mí-bhlas atá ged charball milis air seó ná híosfá é: droch-bhlas nó ceal blasa. Má labhrair chómh mí-bhlasta choidhche airís liom-sa ní raghaidh sé leat: ar shlighe nách taithneamhach. Is minic mise ag tabhairt cabhartha dhuit-se agus is mí-bheart uait gan cabhradh liom lé linn riachtanais: droch-chúiteamh: ceal comaoine. Na mí-bhearta a rinne ár namhaid orainne leis na ciantaibh is beag cuimhneamh ar a gcúiteamh aice: na gníomhartha olca. Níl aon mhí-bholadh uaidh sin, ní gábhadh dhuit do shrón do chasadh uaidh: boladh olc: boladh nár cheart. Nár thugaidh Dia mí-bhreitheamhnachas orainn .i. a dhamnóchadh sinn. B'é tuairm a lán gur thug an breitheamh mí-bhreitheamhnachas ar an gcúis: breith ná raibh cóir dréir fínéachta. Táir ag déanamh mí-bhuannaidheachta ar an bpeann san, ní leat é: ghá shealbhughadh go mí-cheart. Déin buannaidheacht orm agus fáilte ach ná déin mí-bhuannaidheacht orm: déin mo choidreamh is mo chonbharsáid ach gan dul thar cailc. Níor sceinn mí-bhriathar riamh as a bhéal: focal gur bh'fhéidir lé duine col do bheith aige leis. Bhídís sinn an-mhór lé chéile seal, ní lugha leó an diabhal féin 'ná a chéile anois, tháinig mí-charadas éigin eatartha: olc, ceal dílse. Ná tabhair aon mhí-chómhairle, ná meisnigh chun achrainn é: cómhairle ná beadh chun a leasa. Is mí-charthannach an duine gustalach é ná tabharfadh faic ar son na ndíleachtaidhthe: ceal féile i dtabhairt dos na bochtaibh. Tháinig buille uirthe chughat, an bhean mheónamhail, mar bhís mí-chneasta léi: gan bheith lághach, béasamhail. Lé deireannaighe tá mí-chuma tagtha ort, níor dhóigh lé neach gur tú an duine céadna in ao'chor: crot olc nár ghnáth leat. Nách mí-chúmtha na cosa do chuir Dia fútha, cam, aindeis: gan aon déanamh slachtmhar ortha. Caith uait é mar scéal, is fada ar mí-chuimhne é, nidh nách misde sinn: é dearmhadta. Fuairtheas ar fán é is é ar mí-chuimhne, ní fhéadfadh aon chunntas do thabhairt ann féin: an chuimhne imthighthe. Is gránda agus is millte é an mí-chumas nuair nách féidir lé duine a lámh do chur 'n-a phóca is breith ar scilling: bheith gan gustal. Ní maith liom an mí-chrot atá indiugh ort, an bhfuilir breóidhte?: gan do chrot, (deallramh) nádúrdha féin ort. Cé thug an mí-chrot so ar an áit? gach aon rud tóin thar cheann: cuma mí-thaitneamhach. Mórán dearmhad sa leabhar, mí-chlódh go flúirseach ann .i. gan an clódh ceart ar fhoclaibh. B'fhéidir dom bheith mí-cheart, ach sin mar thugas an scéal im chluasaibh liom: in earraid. Fuair sé mí-chlú an uair do cuireadh 'n-a leith gur shéan sé an troid: cuireadh droichtheist ar a ainm. Bíonn mí-chleasa éigin ar siubhal i gcómhnaidhe aca, b'fhearr a seachaint: bearta chun díoghbhála. Droch-gharsún seadh é nách féidir ceart ná comhthrom do bhaint - do bhíonn mí-chleachta éigin ar siubhal do shíor aige: ag gabháil de rud éigin ná bíonn cóir ná maith. Do mí-chrích féin is bun léd chuid leabhar do bheith leachta ort – ghá dtabhairt ar iasacht do gach bod an bhóthair ná filleann ceann choidhche dhíobh. Is féidir liom bos do bhualadh ar mo chroidhe is a mhaoidheamh ná fuil mí-chumann agam d'éinne beó: gráin nó caradas bréige. Toisc a fhaid a bhí sé gan aon mheisneach sláinte ag teacht air thuit gach éinne chun mí-dhóchais 'n-a thaobh: ceal muinghne go dtiocfadh sé chuige féin. Nuair bheifeá ag itheadh éisc úir coitchianta gan aon atharughadh thiocfadh mí-dhúil agat

ann: ní fhanfadh aon mhian agat chuige. Dhéanfadh sé duine do mharbhadh ar son airgid, tá an oiread san mí-dhúlach aige ann: sainnt gan cheart. Mo thruagh iad na saighdiúiridhe bochta tréis a gcatha is a n-anacra, a gcruadhtan 'sa bhfulang, is ortha a bhí an mí-dhreach: crot dearóil, claoidhte. Is amhlaidh a lait sí gach aonnidh in ionad aon mhaitheasa do dhéanamh lé n-a mí-dhúthracht, mar cé go raibh sí ar a dícheall ní raibh aon taithighe aice: dúthracht nár cuireadh i gceart. An lá bheir ag obair lé mí-dhúthracht, gan fonn leath do dhíchill do dhéanamh ná san féin go maith, b'fhearr dhuit stad: ceal díoghraise: gan croidhe dhuine do bheith innte. Aon choinne ní raibh agam lé faic d'fhagháil, ar mí-dhóigh do chuadhas ann: dul 'n-a leith .i. gan súil lé faic. Fairír! budh mise an mac mí-dhílis dá mháthair nár thug cabhair ná cóngamh riamh di: ceanamhail, armacamhail uirthe mar budh cheart dom. Lé mí-dhílseacht dá chéile d'imthigh sí lé fear eile: gan bheith fíor dá móid phósta. Cé go ndeárna sé nidhthe mí-dhleagthacha ní bhfuairtheas greim riamh air, lé gliocas an fhir, chun é do bhreith chun cúirte: neamh-chóra dréir árd-úghdaráis a cheanglas an ceart orainn agus a thoirmisceas an mí-cheart. Ar an mí-dhéanamh atá ar an mbád san ní maith í: déanamh atá as an slighe ar fad. Chonnac mí-dhealbh éigin a scannruigh an t-anam asam: rud ná raibh cuma ná crot aonnidh air dob eol dom. Budh mhí-dhual do do bheith sprionnlaithe, is aige sin do bhí an mhuinntir fhial: níor dhúthchas do é. B'ait liom thu do bhaint mí-éifeachta as a ndubhairt sé is a léire do labhair sé: mí-chiall: tuigsint mí-cheart. Is fada mí-éifeacht leat is gur chuir éinne suim it fhocal ná id ghníomh: ceal fuaimeanta. Tá sé ar bheith gan fóghnamh, mí-éileamh bídh is tinneasaidhe cinn air: gan aon chaitheamh i ndiaidh bídh aige. Is mór an mí-éileamh a bhí ar stoc, ní mór gur fiafruigheadh ainmhidhe ann: gan trácht ortha. Riamh ní raibh an oiread mí-éilimh bóthair orm: ceal fonn taistil. Cuireadh d'aon ghnóth glan ar mí-eólas me chun ná sroichfinn an áit seo in am: stiúradh amugha. Mara mbeadh an mhí-fhabhraidheacht do bheith aige orm-sa is fada go mbeadh mo chuid chómh bog aige: comhthrom ná raibh fabhrach dómh-sa. Gaoth mhí-fhabhrach ann is b'éigean dúinn rámhaidheacht: ceal córach: neamh-oireamhnach, neamh-chabharthach. Is rómham do cuireadh an mhí-fháilte in ionad gártha áthais is crothadh lámh, 's amhlaidh bhí búithridh is urchair!: teasbánadh sásta is áthais me do theacht. Cuireadh mí-fhán éigin ar na leabharthaibh sin agus a rádh ná fuilid lé fagháil in aon áit: scaipeadh soir siar gan tuairisc. Táim goirtighthe anois agus tuilleadh 'en diabhal chugham-sa do leig i ngoire mo choise tinne thu. Cad n-a thaobh an mí-fháscadh?: fáscadh neamh-chneasta. Mí-fhaisnéis a fuaireas a chuir ag faire na mara me ar an namhaid in ionad fartha na talmhan: tuairisc rúin ná raibh ceart. An mhí-fhéachaint do thug sé orm b'fhollas ná raibh sé buidheach díom: féachaint nó amharc daibhceach. Budh mhí-fhearamhail an bheart duit nár sheasaimh an ball ach go háirighthe go dtí go gcaithfeá teicheadh: gan tréithe fir: neamhdhána mar dhéanfadh bean. Ar an mí-fheisteas atá ar do dhoras isteach leis ar an gcéad-ghála: daingniughadh olc. Cad dhéanfadh éinne lé mí-fhearas ach a bhotún?: fearas ná beadh oireamhnach. Choidhche níor chuir sé a aithreachas dhe gur sceinn an mí-fhocal i gcuideachtain mar í: focal ná raibh cuibhe ná banamhail. Is amhlaidh mar bhí an scéal agam go raibh fonn is mí-fhonn orm corruighe in ao'chor: idir dhá chómhairle. Ná tabhair mí-fhreagra orm-sa mar ná fuilngeóchainn uait é: freagra neambéasamhail. Tá mí-fhoirtiún (miairtiún) éigin ort ná féadfá fanacht socair: mí-ádh. Nach mí-fhoirtiúnach a marbhuigheadh é – tuiteam anuas an staighre: mí-ádhmharach: cinneamhnach. Ná bíodh sé den mhí-fhoirtiún ort focal den rún san do leigeant lé héinne: an méid sin cinneamhna. Tá an mí-fhoirtiún air lé droichmhianach, bhuailfeadh sé ar fíge fíodha thu: gan aon

teóradh. Cad é an mí-fhuadar atá fút go bhfuil an scian mhillteach san id dhóid agat: an chuma is an deallramh go bhfuil urchóid ar bórd agat. Leis an mí-fhoidhne labhair sé róluath: ceal eaga do thógaint. Cuir uait an mhí-fhoidhne anois, gheóbhair do chion: ceal bruic le rud gan gearán. Lé mí-ghean ar na daoinibh is ar a slighthibh d'fhágas an áit is d'aistrigheas i mball eile: gan leagadh cáirdeamhail. Duine ró-mhór ann féin é sin go bhfuil mí-ghean aige d'aon tsaghas saothair géag: gráin, col, doicheall. Daoine nár mhaith liom aon chonbharsáid do bheith agam leó iad, mí-gheanamhail, fiú an gháire ní fheaca riamh aca: gan leagadh lé báidheamhlacht ná láighche. Tugaim póg do chos an ghirrfhiaidh anois lém mhí-ghliocas féin nár ghreamuigheas é sar ar sceinn sé: tuathalacht, neamh-thapaidhean. Díolfair-se fós as do mhí-ghníomharthaibh – do chuid fill is gadaidheachta: droich-bhearta. Mí-ghníomh dóibh gan é do thógaint as an uisce is leigeant do báthadh: beart olc. Ná bí ag cur do chinn eadrainn in ao'chor níl aon mí-ghnóth ar siubhal againn: aon rud (gnóth) droch-rúnda. Níor thairg riamh duit scilling as an méid mhór oibre sin ach duine mí-ghalánta: gan féile: lán-sprionnlaithe. Budh mhí-ghalánta an mhaise dhóibh an duine iasachta do leigeant uatha fé ocras: sprionnlaithe. B'fhéidir gur greann díbh-se é ach is mí-ghreann dómh-sa sibh do bheith ag magadh fúm ó tá a chúis agaibh: sult is aoibhneas, agus a mhalairt dómh-sa. Ná bíodh aon mhí-ghnaoi ort liom, níl aon leigheas agam air mara bhfuilim chun do shástachta: mí-chéadfadh: mí-shástacht. Aon bheann ní raibh agam ar mhí-ghontacht do bhuille, ní mór gur bhraitheas é: ceal luighte orm. Chuir an gréasaidhe uaidh toisc an mí-ghearradh do thugadh sé ar an leathar, laiteadh sé a fhurmhór: gearradh ná hoireadh. Ní hag breith breithe ort é, sin é an mí-ghéilleadh atá agat-sa do Dhia is na mí-ghníomhartha go léir a cheapair: géilleadh béil. Shaoghaluigh sí mí-ghein nár leigeadh don athair ná don máthair féachaint air: leanbh mí-chúmtha gan gnáth-dheallramh an duine air. De lá fada samhraidh nách mí-gheal é, dorcha, smúiteamhail: gan solas. Níl aige sin dómh-sa is ní maitheas a mhalairt d'áiteamh orm ach mí-ghile croidhe: ceal ceana. Tigh ósta é ná fanfainn ann ar ór ná ar airgead lé n-a mhí-ghlaine: ceal glanchair. Seo glas atá ar mí-ghléas ní chasfaidh eochair clé ná deas ann: as treóir: nách féidir áis do bhaint as. Ní hamhlaidh do thabharfá fé shráid baile mhóir mí-ghléasta ar an gcuma san: gan culaithirt oireamhnach. Nách é buachaill na mí-ghrás(t) é, gan faic eile dhá taidhbhreamh dho ach cleasa is crosa: na ngeámaidhthe. Tá doras an ghluaisteáin sin mí-ghreamuightheach agus beidh sé ag oscailt: níl an greim ná an ceangal budh chóir air. Stampaidhe mí-ghreamuightheacha ná fuil a ndóthain glaodha ortha: ná ceanglóchadh den gclúdach etc. Mí-iarracht uaim dob eadh í mar shleamhnuigheas díreach is mé ar tí caithte: ceann a chuaidh ar ceal. Náire dhearg seadh mí-ídeach do dhéanamh ar bhiadh agus a ghannchúisighe atá sé: caitheamh olc: roithleach. Aon mhí-mhairg ní chuireann sé orm-sa cad dhéanfair nó ná déanfair leat féin: brón a ghoirteóchadh. Ar feadh na mbliadhan bhí sé ag cothughadh mí-inntine dhom: inntin nó aigne ná raibh ar fóghnamh. Ní maise dhuit mí-innsint do dhéanamh ar aon rud a chloisir ar dhuine eile: cor do chur san aithris. Cuireadh dhá mhí príosúin air trí mhí-iomchar, ag déanamh achrainn ar an sráid is ag briseadh fuinneóg: do dhéanamh rudaidhe a ghníos díoghbháil. An iomad mí-iontaoibhe agam as, ní bheadh lámh ná ladhar agam in aon ghnóth leis: ceal bheith deimhnightheach dá iomchar. Ná cuir ar mo mhí-leas me, ag tafant orm rud do cheannach nár leagas mo shúil air: ar bhealach ná déanfadh aon tairbhe. Sé do mhí-leas corruighe: sé do dhíth é. Duine mí-leisceamhail ná beadh dochma air aon am den oidhche nó den ló rud do dhéanamh duit: ná fuil dúr ná righin. Ó, a Mhuire! is mí-lítheach an chuma atá air tar éis a chath breóidhteachta: droch-

dhathach, báidhteach, bán. Thug an t-aindeiseóir mí-léim treasna an mhéiscre gur thuit síos ar a cheann ann is gur fhan ann: léim a theip. Níl aon mhí-locht agam-sa air, ach ná féadfadh sé srian do chur lé n-a theangain: locht thar ceart. Mí-lúth na haoise atá ag teacht liom, ní faic eile: ceal beódhachta is éascaidheachta cnámh. Tá sé ró-mhí-mhacánta d'éinne chun aon chonbharsáide do bheith ag éinne leis, ní fhéadfá tú féin d'fhaire air: neamh-dhíreach: claon lé cuid dhuine eile do ghreamughadh. Mí-mhachtnamh duit amhras do bheith agat ar mhacántacht éinne gan adhbhar maith: smaoineamh olc. Is amhlaidh atá san mí-mhachtnuighthe agat, níl a leithéid i gceist: táir tagtha ar an dtát san go neamh-cheart. Ní mí-mhaise dhuit aon rud atá déanta riamh agat, agus sin é tuairm na ndaoine: ní cúis aithis ná náire dhuit é: ní mistide thu é. Bean go bhfuil meas mór aice uirthe féin seadh í ní phósfadh sí me lém mí-mhaise: ceal breághthachta. Tóg é seo is mara ndéanfaidh maitheas duit ní dhéanfaidh aon mí-mhaitheas: díoghbháil: díth: dochar. Bean mhí-mhaiseamhail ní háil liom í .i. gan áilne, gan breághthacht. An bhfuilir deimhnightheach ná fuilir ar mhí-mhaithe liom is á chómhairleach dom biadh do thógaint is gan me ar fóghnamh?: chun mo dochair. Ar m'eólas níl éinne is mí-mhaitheasaighe 'ná é, níor airigheas gur thug sé lámh d'éinne riamh: is lugha a chuir comaoin ar neach. Ná bíodh mí-mhéinn agat do neach, ní faic buaidhte dhuit é: aigne neamh-shochma. Dá mhéid a bhí ag dul im choinnibh ní raibh aon mhí-mheisneach ag teacht orm ná go mbeadh an buaidh sa deireadh agam: ceal meisnigh, ceal dóchais. Saghas éigin galair orm atá ag cur mí-mheanman orm go dtaidhbhsightear dom uaireannta ná tiocfad chugham féin go deo: ísle bhrighe: laige spiride. Ná bíodh aon mhí-mheas agat air go mbeidh tástáil agat air, is fearr é sin 'ná a dheallramh: ceal iontaoibhe as a fheabhas. An scraiste mí-mheastamhail air féin ag brath ar gach éinne chun rud do thabhairt do: suarach: neamhfhearamhail. Is oth liom gur mhí-mheasas do neart: nár mheádhas go rabhais chómh láidir is taoi. Ní fheadar, níor b'fhearr liom maireachtaint 'ná bás d'fhagháil táim mí-mheisnighthe gen saoghal do dhul im choinnibh: an dóchas is an mhuinghin asam féin claoidhte. Is tú is mí-náirighe amuigh is dul ag cainnt lé héinne go mbír ag cúl-chainnt air: ceal braithstinte is aithreachais i dtaobh bheith ciontach i bhfios duit. Is mí-náireach an duine thu, is dóigh liom go loirgeófá aon rud: ná brathfá aon aithis ná aon doigh go mbeadh rud neamh-cheart dhá dhéanamh agat. "Mí-mhúinte an ceann aca é", deirtear lé duine a dhéanfadh rud gan béas gan meón. B'fhearr liom an ceann díom 'ná bheith chómh mí-mheónamhail is go mbeinn ag teacht treasna ar gach éinne mar labhraid: gan slighe ghalánta do bheith agam. Rud mí-nádúrdha do dhuine a mháthair d'éimeadh: gan bheith dréir an ruda is dual do nádúir nó dúthchas an duine do dhéanamh. Coir mhí-nádúrdha: déistinneach .i. i gcoinnibh mhíonlacht an duine. Leis an mí-neart ó bheith laetheanta gan aon rud d'ithe thuiteas as mo sheasamh: laige. Scríobhnóireacht chómh mí-néata agus chonnac riamh, línteacha cama, leitreacha mí-chúmtha etc.: gan slacht. Dar leis gur mí-nós dúinn gan feóil d'ithe Dé hAoine: nós nách cóir do chleachtadh. Marbhófar me, tá gach nidh ar mí-órdughadh agam: táim thar ceann: bun os cionn: gan riar, gan léiriughadh. Buachaill mí-oilte é ar na freagraidhibh giorraisce thugann sé uaidh: an-dhroch-mhúinte. Caith díot an hata san, tá sé mí-oireamhnach duit – ró-bheag, is ní thagann an dath dhuit: neamh-chuibhe: ní chóimhlíonann sé aon rud a dhéanfadh hata sásamhach de. Is é ná fuair an mhí-oileamhaint, is a rian air is é atá go béasach meastamhail air féin: droch-mhúineadh is droich-theagasc. Cad do chuir ar mí-oireamhaint inneall an ghluaisteáin ná corróchadh sé?: as órdughadh. Ceann des na mí-oireamhaintidhibh seo ní fhéadfainn do chur in áis: máillidhe so-scurtha. Mí-onóir

d'fhear chómh tábhachtach leis ar an mbaile gan cuireadh do thabhairt do bualadh leis an dtaoiseach: ceal creideamhna nó measa. Budh ghránda an mhí-ósbairt a thárla dho gur deineadh gránlach dá dhá chois: cinneamhaint an-olc ar fad. Ar chualaís an mhí-obair do deineadh ar an mbaile seo airéir – briseadh isteach i dtighthibh?: droch-obair: nár cheart. An raibh mí-pháirt agat sa chapall do marbhuigheadh: baint as an slighe. Seachain is ná déin aon mhí-phriocaireacht ar an gcneadh san nó cuirfir in olcas í: teangmháil ná beadh ar fóghnamh di. Budh mhí-rábaighe ag imtheacht ná ag teacht, ní raibh aon an-bhuidheachas aige ar a thurus: budh lugha an fuadar 'ná an t-éirghe anáirde a bhí fé. An mí-rath go raibh ort mar shlaghdán is mé atá clipighthe agat: mí-ádh!: droich-chrích ort! An iongadh leat an mí-rath do bheith ort ná deaghaidh ar do ghlúinibh chun Dé lé fios cathain: mí-ádh. Nách ar an ubhallúird sin do tháinig an mí-rath ná raibh oiread t'órdóige in aon ubhall aca: droch-thoradh. Ní chuirfidh Dia an mí-rath ort as a bhfuil déanta agat: ní bheir níosa measa dá bharr. Mí-reachta Shasana ar an dtír seo budh bhun lé n-ár mbochtnughadh: droich-dhlighthe. Is mór an mí-réasún atá leat ná héisteóchad lé dhá thaobh an scéil sara dtugair do bhreith: ceal machtnaimh fuaimeantamhail. Duine mí-réasúnta gur bh'fhearrde gan aon teangmháil do bheith agat leis: ná caitheann ciall is machtnamh lé cúrsa. Chuaidh díom an casán do shiubhal lé n-a mhí-réidhe: ceal socrachta: achrann. Na leanbhaidhe scoile is mí-riaghalta dá dtáinig treasna orm, níor bh'fhéidir smacht do choimeád ortha: neamh-umhal: easurramach: neamh-ghéilleamhail. Daoine mí-riaghalta dar lé muinntir na tuaithe do chómhnuigheann i gcathrachaibh: mí-gheanmnaidhe. Á, is aindeis an scéal é iad do chailleamhaint is an mí-riachtanas a bhí leis: ceal gábhtair: gan chall ar bith. Aon athrughadh níl dulta air, tá sé chómh mí-riadhta is bhí sé riamh, ní féidir aon lámh do dhéanamh air: doi-mhínighthe. Dóthain gach éinne a bhí ann dá ndéintí a roinnt comhthrom in ionad an mhí-riair do deineadh air: iomad nó breis do thabhairt do chuid 'e bhreis ar chuid eile. Sin é mí-riar atá aca ar a gclainn go bhfuilid ghá theasbáint ar céad slighe i ndroichbheartaibh: smacht gan bhun. Ní theipfeadh ar an siopa choidhche mara mbeadh an mí-riar a deineadh air: droich-stiúrughadh. Go maithidh Dia dhom é, do tháinig mí-ríodhg éigin ionam gur thairngeas buille na tubaiste air: droch-mhotháilt obann, do-choisce. Chuir an mí-riocht a bhí air na deóra ar sileadh liom. Budh thruagh leat íomháigh Dé do bheith chómh truaillighthe: droch-chrot. Bí aireach ort féin agus ná tabhair aon mhí-rothag: fogha tapaidh gan foidhne. Ná bíodh aon eagla ort go ndéanfad-sa do dhíoghbháil, níl aon mí-rún agam duit: inntin díthe. Is mí-shásta an t-ógánach thu, cad thaithneóchadh leat?: gan fonn air gabháil go sochma lé haonnidh. Brathaim an-mhí-shásta anocht ní bheadh iongadh orm dá mbeadh breóidhteacht chugham: im chorp nílim mar budh mhaith liom do bheith. Deirtear, más fíor é, gur cineacha an-mhí-shuaimneasach atá i measc na mBalcán go mbíd do shíor ar barrghail troda: neamh-shocair: gur furaiste leó dul in achrann. Saghas seadh é gan amhras, ach sin é an mí-shaghas: gan mhaith, gan cuma. Níor bh'fhéidir an t-airgead san go léir do chaitheamh 'n-a ghiorracht aimsire gan mí-scaipeadh do dhéanamh air: scaipeadh ait, gan aon fhéachaint in ao'chor do chonnus ná cá raibh sé ag gabháil. Ní ghabhann neach léi lé n-a mí-scéimh: ceal áilne. Cad í an mhí-scéimh seo ort indiugh? ar fhéachaint ort budh dhóigh lé duine go mbeadh marbhadh duine ort: deallramh goirgeach, mí-shásta. Á, ná bí chómh mí-stuamdha liom má rinneas dearmhad féin: mí-bhuideach is mí-shásta. Is mór ar fad an mí-sheans atá leis an muirear san a bhfuil fachta bás dhíobh le geairrid: droich-chinneamhaint. "Bíonn an mí-sheans ann", deirtear nuair thárluigheann rud éigin mí-ádhmharach a bhaineas geit asainn. D'éirigh sé dhom mo chos do bhriseadh

mí-sheansamhail go maith: árd-chinneamhnach. Cuir chughat an chathaoir seo, is í is fearr, tá sí sin agat mí-sheascair .i. ná brathfá suaimhneasach ná ar do thoil innte. An bhfuilir deimhnightheach ná fuilir dom mhí-sheóladh, duine iasachta me: ghom chur ar an mbealach mí-cheart. Leaghaidh sé i ndiaidh air lé mí-spéis ann: ceal spéise: gan féachaint ’n-a dhiaidh: neamhshuim. Bíonn sé ró-mhí-stuidéardha chun aon rud tábhachtach do chur ar a iontaoibh: neamh-mheasardha: gan bheith tráthamhail ar a ghnóth. Thug sé mí-shúil orm nár thaithnigh liom: súil ná raibh ró-chaoin. Cogar liom, creid me leis ná fuil aon mí-thaithneamh im chroidhe agam-sa dhuit: ceal ceana. “An lá do shaoghaluigheas tu”, ars an mháthair “budh thu an mí-thabharthas”: an droch-bhronntanas. Mí-thaidhbhreamh b’eadh dhom a shaoilstint go mbeadh an cúrsa ar mo thoil agam: rud nár tuigeadh ’n-a cheart dom. Más dóigh leis gur ag mí-thafant atáimíd air dul ’n-ár bhfochair éirighidh as: ghá spriogadh ar a mhí-leas. Mí-thagra seadh trácht ar chlú an duine ós rud é nách é atá i dtreis ach an t-áiteamh atá aige in aghaidh breis chánach: labhairt éagcórach ar nidh ná baineann leis. Is agat atá an mhí-thaise dhom im bhuaidhreamh is bheith ag fonmhód fúm: neamhthruagh. Pé mí-thuigse (-thuigsint) atá eadraibh is fearr é do réidhteach gan dul ’on chúirt leis: easaontas trí gan taobh aca do bheith léir don dtaobh eile. Ar chapall ní déarfainn an rud atá ráidhte agat nách mí-thuigseanach an duine é: gan bheith i ndán nidh do bhreithniughadh go soiléir, ceart. Pé taithighe a bhí agam ar é do dhéanamh b’é an mhí-thaithighe é, mar nár teasbáineadh a mhalairt dom: cleachtadh ná raibh in ao’chor i gceart. Ar an mí-thásc atá air ní bheadh aon bhaint ag éinne dá aitheantas air: droch-thuairisc. Scannail mí-theagasc do thabhairt do leanbh: bheith ag múineadh rudaidhe dho nár bh’fhearrde é. Sé an bata cam so an mí-theannta: an rud ná tugann teannta nó cóngamh. Cad n-a thaobh labhairt chómh mí-theann leis? an eagla a bhí ort?: lag: neambríoghmhar. Ní cheannóchadh éinne é leis an mí-theist a chuaidh amach air: droch-thuairisc. Mí-thigheas is bun leis an oiread bídh do bheith ag imtheacht ’n-a roithleach sa tigh seo: ceal cnuaisciúin: drochbhainistighe. Mí-thinneas a bhí ort im thaobh, nidh nách iongadh, cá bhfuil do ghaol nó do chómhgas liom?: neamh-mairg. Sin í an mí-thógaint do deineadh ortha san a dhein bitheamhnaigh des gach éinne aca: droch-thabhairt suas. Ní mór é mo thuairm aiste, buidhean mhí-thoghtha seadh í, is baoghalach ná himreóchaidh lé chéile: droich-phriocuighthe. Fíor-bheagán daoine a chídhfeá isteach ’samach ann ní déintear ach mí-thrácht ann: beagán díolaidheachta. Is agam-sa atá an mí-thruagh dhuit-se as ar thárlaidh duit, mar is minic me ag bagairt ort fanacht as an áit chéadna: gan aon rian truagha. Is fada ag imtheacht ar mí-thréo é, ag ól ’sag reic a choda: ar bhealach díoghbhálach. Sin long atá ar mí-threóir tá an bratach géibhinn anáirde aice: máchailighthe. Nuair bhíodar uile ’n-a mbráighibh sciobadh an ceann díobh go mí-thrócaireach: gan truagh, gan taise. Mórán ann go raibh, ach ní agam-sa a bhí aon mí-thuairm as ná mairfeadh sé (héireochadh leis etc.) .i. níor bhrathas go ró-láidir ná gur mar sin do bheadh. Lucht piseóg nuair chloisid coileach ag glaodhach go luath san oidhche mí-thuar aca é go bhfuil duine éigin ar tí báis: droch-chómhartha. Siad an líon tighe iad ná fuil an mhí-uaisle ag baint leó, fáilte is féile roim gach n-aon aca: neamh-ghalántacht, úirísleacht. B’é an garsún é nár thug mí-urraim riamh dom: mí-mheas, mí-áird. Nách lé mí-ughdarás a chuiris oiread is barra méire air sin? Cá raibh do bhuannacht air?: ughdarás a ghlacais ort féin. Sid í an fheóil atá mí-ullmhuighthe, cé fhéadfadh baint léi?: cóirighthe, bruithte ’n-a ceart lé n-a hithe. Bíonn sé mí-umhal ag déanamh gach aon rud, is deacra é ’ná an giolla deacair: mall chun freagartha: neamhfheicheamhanta: leasc. Dá mbeadh sé ag caitheamh go gcuireadh Dia fios air, ní bheadh aige ach mí-urchar: ceann a

raghadh amugha. Táir mí-chúramach i dtaobh na cisteann .i. ní bhíonn gach nidh san áit cheart: tugair faillighe innte.

mí-áird: *b.2.* ceal aire, droch-aiste. Beidh daoine nár dhein curadóireacht ar mí-áird má chruadhann an saoghal fé mar tá deallramh fé: droch-aiste: go holc as. Dá mbeinn ag glaodhach choidhche air, ní bhfaghainn uaidh ach mí-áird: neamhthur: neamhshuim. Mí-áird ortha ná leigeann don té atá ag leigeant dóibh: mí-ádh.

miam: *f.3.* puth, siolla (gaoithe), corruighe, boladh gaoithe. Lá meirbh brothallach gur mhór leat do léine d'iomchar gan miam ón spéir (flaithis) ann: puth: oiread gaoithe is chorróchadh duilleóg. Ó thosnuigh sé ag imirt níl miam as: oiread agus focal beag. D'éirigh miam i lár oidhche ná múchfadh lasán duit: gal beag éadtrom gaoithe. Níor fhan miam sa lá .i. thuit sé chun mairbheachta ar fad.

mí-amha: *f.4.* glór an chait.

mian: *f.1. b.2.* toil, inntin, fonn, éileamh, caitheamh mór i ndiaidh, lorg, ailgís, dúil, éirim; an rud nó an té go mbeadh t'éileamh air. Níor mhian liom an áit, ró-iargcúlta dar liom: ní thaithneóchadh liom: ní bheadh sainnt orm chuige. "Fágfad anois thu" – "mar is mian leat": dréir do thola. Cad é do mhian?: cad a bheadh uait? An bhfuil mian ort chun a pósta?: fonn mór. Níl mian fanta ná imtheachta air, ní fheadair sé cad é an mian atá air: fonn: dúil: éileamh láidir. Bhí Máire mo mhian: an bhean dob fhearr liom do bheith agam. An bhfuil mian do shúl san áit?: an sásuigheann thu? Tá mian súl aon mhná ann: sásamh: a diongmháil d'fhear ann. Mian mic a shúil .i. an rud a chídheann garsún is rí-mhaith leis é do bheith aige. Dá mbeinn ar mo mhian níor bh'fhios cad dhéanfainn: ar mo thoil: gach nidh mar oirfeadh dom do bheith agam. Bíodh pé rud is mian leat agat: aon rud is áil lé t'inntin. Mian amadáin duit-se bheith ag cuimhneamh ar dhul thar lear i ndeireadh do shaoghail thiar: ní mhachtnóchadh éinne eile air. Bain do mhian as an seanphíp: ól an méid is toil leat. Dhéanfainn aon rud lé mian don bhfear chéadna, an oiread san measa agam air: go lán-toilteanach. Má tá mian bruighne ort gheóbhair do dhóthain di: fonn. Tá a mhian curtha aige id chuid, seachain: dúil tagtha aige ann. Dá mbeadh mo mhian air ach ní raibh, b'fhuraiste dhom a bheith agam: m'éileamh: mo shúil chun a shealbhtha. An bhean budh mhéine liom fén spéir seachas neach eile: budh thaithneamhaighe liom.

mianach: *f.1.* aon bhunachar a gheibhtear sa talamh nách ó ainmhidhe ná ó ghlasraidh, mar ór, stán, airgead geal, iarann etc.; adhbhar; tréith; méin, iomchar, stáid aigne, gné, nádúir. Riamh ó aois fir do ag obair is ag saothar go moch, déidheannach gan ghearán gan chlamhsán, budh mhaith an mianach (fir) é: adhbhar: cré mhaith é. Tá mianach na foghluma ann: an tréith sin: dúthchas. Ní maith an mianach an t-éadach san tá an fighe lán de scruigeannaibh: an stuif go bhfuil sé déanta de. Sin é mianach atá ó n-a athair ann do bheith fial: an dúthchas: tréith dhúthchais: is dual do. Á, mhuise, ní maith an mianach thu, is ort is furaiste olc do chur: gnaoi aigne. Bainfead-sa an droich-mhianach amach as na crathachaibh agat: an leagadh atá agat lé feirg. Ní hiongadh mianach na farraige do bheith ann, máirnéalaigh a dtáinig roimis: an leagadh is an cion do bheith aige uirthe. Beir abhaile ón gcúrsa an láir sin mar ná fuil aon mhianach ráis innte: ádhbhar: níl sé 'n-a

síolbhach: cineál: d'fholaidheacht innte. Mar a chéile liom sibh aon mhianach amháin sibh: aon nádúir amháin: na tréithe (olca) dúthchais céadna atá 'nbhur gcuid folaidheachta. Tá mianach an tseaca (na báistighe, an triomaigh etc.) sa spéir .i. stáid na haoráide gur b'í sin sín atá 'n-ár gcionn. Do dhícheall do dhéanamh anois, féach gurb ait leat é, ní fhéadfá drioch-mhianach do chur orm-sa: fearg. Is é fear is droich-mhianaighe ar an mbaile é .i. is fusa do mhúscailt chun uilc nó go dtiocfadh san air gan chúis gan adhbhar. "Cá ngeóbhadh an mianach?" deirtear le duine a ghníos díreach mar bhíonn súil leis. Ní maith an mianach an madra san .i. tá sé malluighthe nó ní cineál maith é. "Dhera, mhuise, is maith an mianach é", deirtear nuair bhíonn rud ionmholta déanta ag duine nó ainmhidhe nó nuair thugann rud nitheamhail seasamh maith uaidh. Rith cuid mhór ded mhianach ann: thug sé do thréithe ó dhúthchas leis. Cuir do mhianach id phóca: ná bí d'iarraidh a chur in iúil d'éinne annso gur fearr thú ná iad. Mianach an tsaighdiúra ann: an t-adhbhar ceart is an éirim.

mianach: *a.* toilteanach, éileamhach, sanntach. Is tú is neamh-mhianaighe chun airgid ar m'eolas .i. is lugha dúil ann: is lugha fonn bheith sprionnlaithe 'n-a thaobh. Bhíos an-mhianach ar an áit sin do bheith agam is níor choimeád uaim é ach easbhaidh airgid: dúil é do shealbhughadh. Is mianach ataoi chun feóla, d'íosfá gach aon leath-uair den ló í: dúlmhar: éilightheach. Mianach chun óil: éileamh mór uirthe aige.

mianadóir: *f.3.* duine a bhíos ag tochailt thíos i gcluinn ar lorg mianaigh.

mianamhail: *a.* dúlmhar, éilightheach, grádhmhar. Táim an-mhianamhail ort: oiread is dá mbudh liom féin thu: ceanamhail. É ag imtheacht tímcheall ar buile, scian mhór ar oscailt aige, mianamhail chun marbhtha: cíocrach. Budh mhianamhla liom go mór té ar maidin ná bainne: is mó a thaithneóchadh sé liom. Nidh nách iongadh is mianamhla leis a mhaith féin 'ná maith éinne eile: is fearr leis. Tugaim fé ndeara ná fuilir mianamhail ar dhul abhaile: éilightheach, fonnmhar.

miangas: *f.1.* fonn, dúil, guilm, cíocras, cáiréis, éileamh. Ar leanbhaidhibh a bhíonn an miangas chun milseáin, raghaidís fén roth chúcha: dúil mhairbh. Aon ghal ní raibh agam lé dhá lá, tá miangas ceart tobac orm: éileamh láidir agam air. Nuair bheadh duine go raibh taithighe aige ar iasc úr tamall dhá cheal bheadh miangas air chun béile dhe: cíocras. Ní bhíonn aon teóra lé miangas na colna: an dúil chun í do shásamh. Níl aon mhiangas orm i dtaobh na hoibre sin connus bheidh sí déanta, ach í do bheith déanta: cáiréis: ceartéis. Bíodh a fhios agaibh nách é gach aon rud d'íosfadh an fear úd, tá miangas ag baint leis: cáiréis bídh: sóghalaistidhe a bhíos uaidh.

mangaiseach: *a.* cáiréiseach, cíocrach, sanntach, fonnmhar, dúlmhar. Fiacal mhangaiseach aige siúd, ní hé biadh gach éinne do bhlaisfeadh sé: cáiréiseach: deacair do shásamh. Cad is mangaisighe 'ná cat i ndiaidh éisc?: is íogaire: is cíocraighe. Dhéanfadh sé airgead fé chloich, tá sé chómh mangaiseach san chun a bhailighthe: dúlmhar, sanntach: guilmeach. Duine so-ranna seadh é, níl sé mangaiseach: sanntach chun breise do bheith aige ar dhuine eile. Ní mangaisighe gabhar ar sceich ná í ar thé: gan aon teóra lé n-a dúil innte. Fan, lét uain, ná bí mangaiseach tá dóthain gach éinne annso: sainnteach. Mangaiseach chun pósta: cíocrach: fonn an domhain ar. Lucht an airgid an dream

mangaiseach chun gach nidh dá fheabhas: cáiréiseach: deacair do shásamh go mbí an rud a bhíos uatha aca.

mianmhar: *a.* cáiréiseach, fonnmhar chun, cíocrach, dúlmhar. Nách mianmhar ataoi chun an bídh, cuimhnigh go bhfuil daoine eile gen mbórd seachas tu: cíocrach chun an fhurmhóir do bheith aige. Is beag rud a chídhfeadh sé ná go gcuirfeadh sé a shúil ann, is mianmhar an duine é: mío-chuibheasach ar fad maidir lé dúil i ngach rud. Sin biadh mianmhar anois, an mhairtfheóil shóghail sin, don té go mbeadh goile aige: so-bhlasta, milis. "Dá mbeinn chómh mianmhar lé daoinibh áirighthe" arsa fear na poilitidheachta bheadh ionad maith agam dom féin fadó: dúlmhar in onóir, in oifig nó i gcómhacht.

mianughadh: *f.* (*-uighthe*) d'éiliughadh, do shanntughadh, súil láidir do bheith lé, do thoiliughadh. Ag mianughadh gach aon rud a bhíos ag éinne eile: ghá sanntughadh. Seadh, tá tárluighthe dhóibh go holc sa deireadh, agus is fada na daoine ghá mhianughadh dhóibh: ghá ghuidhe dhóibh. Bheith ag mianughadh an aráin ní hé sin é do thuilleamh .i. ní thiocfaidh an biadh de bharr dúlach do bheith againn ann. Tar éis na mbliadhan do chaitheamh ag mianughadh saidhbhris bhí sé chómh bocht leis an gcéad lá: cíocrach chuige.

mianuighim: *b.a. 7 n-a.* éilighim, sanntuighim, dúilighim, táim ar inntin. Mhianóchainn dul 'on phríomh-chathair an lá san dá mbeadh cuideachta agam, gan san d'fhanfainn ag baile: bheadh m'aigne leis. An fáth nár phós sí riamh gur mhianuigh sí lucht an airgid ach nár theastuigh sí ó éinne aca: gur éiligh sí iad: gur 'n-a ndiaidh a bhí caitheamh aice. Ní mhianóchainn aonnidh choidhche nár liom féin: ní chuirfinn mo dhúil ann chun a bheith agam. Ná mianuigh olc éinne, ní faic buaidhte dhuit é: ná bíodh a fhonn it aigne ort.

mianuighthe: *a.r.* éilighthe, sanntuighthe, dúilighthe. B'fhada an tigín deas úd cois farraige mianuighthe aige dho féin agus níor thaithnigh leis gur thuit sé lé duine eile: dúil a shealbhtha aige ann. Leis an dtrácht 'san luach mór atá ar an iasc atá sé mianuighthe chómh mór ges na ceannuightheóiridhibh: a ndúil curtha aca ann. Níl té chómh mianuighthe in aon dúthaigh is tá in Éirinn, sí an fhadhb connus dhéanfam ina hiongnais má théigheann an saoghal chun anatais: dúilighthe: an oiread fonn ar dhaoinibh chun a hólta. Is so-mhianuighthe lá an-bhreágh chun dul ar mhullach an chnuic, cuimhnigh ar a aoirde is a anacraighe: is subháilcighe. Is so-mhianuighthe síothcháin 'ná cogadh: budh mhó dob fhiú do bheith againn. Is iomdha fear go bhfuil sí mianuighthe aige lé n-a breághthacht 'sa saidhbhreas: gur bhraith sé a ceal air.

mias: *b.2.* árus slinn-tónach, éadoimhin, de chré, de ghloine, de stán nó de mhiotal agus fora tímcheall a ciumhaise, chun bídh etc. do chongbháil; báisín. Sidh é bramach méise an tighe seo .i. an té go gcuirtear (bhfreastaltar) a chuid bídh ar mhéis chuige: biadhta. Is maith an rud an cóngamh ach tímcheall na méise: tímcheall an bhídh ("Ba mhaith é an congnamh go dtí aimsir caithte cuid"). Pé crích nó deireadh bheidh ar an gcogadh so, nách dóigh leat ná go bhfuil Seán Bhuidhe ghá fhagháil 'n-a mhéis féin anois?: an rud atá tuillte aige. Pé duine a scéidh an rún go rabhamair ag dul ar stailc, tá an diabhal déanta is an phraiseach ar fuaid na mias .i. gach aonnidh millte. Is annsúd a bhí na miasa feóla .i. cuid mhór di. An nadhbhóg ar nós na méise: liocuighthe: imthighthe as fuirm. Tháinig

leithead méise ’n-a dhá shúil leis an iongadh do cuireadh air nuair chonnaic sé beo, beathadhach an té do shaoil sé bheith marbh aige: alltacht áidhbhéil. Gach éinne ar a mhéis féin: déineadh sé lé n-a chuid féin.

miaslach: *f.1.* aoileach, salachar, bualtach. Boladh ón miaslach atá tímcheall na dtighthe gur chóir an dlighe do chur ortha so a lamhálann é: draoib is salachar. Níor lugha leis miaslach madra ’ná é d’ithe, bhí an oiread san col aige leis: cac madra.

mí-bhéas: *f.3.* droich-bhéas, droch-thaithighe. Thairng sé de mhí-bhéas air féin bheith ag caitheamh an iomad toitínidhe is é óg: droch-thaithighe: nós ná dearna aon mhaith dá shláinte. A lámha smeartha, salach san oifig, gan aon chrích aige ar aonnidh, is mí-bhéasa eile budh bhun lé n-a scur: gníomhartha a haithdhéantar go minic.

mí-bhéasach: *a.* droch-mhúinte. Bhinn an-mhí-bhéasach ar scoil, thugainn gach re seadh don mháighistir: droch-mhúinte: an tslighe d’iomcharainn me féin níor thaithneamhach san. Sáthann sé a cheann go mí-bhéasach san uile rud a bhíos ar siubhal ’n-a thímcheall: ar shlighe ná bíonn dréir gnáth-chaighdeáin iomchair na ndaoine.

mí-bhuidheach: *a.* motháilt mhí-shásamhach fé rud, mí-shásta. Is tusa a bheidh go mí-bhuidheach díot féin lá éigin mara séanair do dhroich-bhearta: go mbeidh an t-aithreachas dóighte ort. Chuir sé dhe go mí-bhuidheach de féin tar éis na leidhbe a fuair sé uaithi: ní raibh sé geal de féin: istigh leis féin. Furmhór dá raibh ann bhíodar mí-bhuidheach den aonach, ní raibh puinn tógála ach ar shaghas áirighthe: mío-shásta. Ní heól dom éinne mí-bhuidheach den nduine chéadna: cion ag gach duine air. Budh mhí-bhuidhthighe bhíodh mo mháthair díom ’ná m’athair nuair dhéininn aon rud as an slighe: mí-shásta. Mar deireadh an fear nuair bhíodh a bhean i bhfeirg leis. “Is cuma liom cé tá buidheach nó mí-bhuidheach díom ó tá mo bhean féin buidheach díom!”: bheith gnaoidheamhail nó a mhalairt. “An bhfuil aon rud tar éis do lae agat?” – “táim ard-mhí-bhuidheach”: díombáidh trom curtha orm.

mí-bhuidheachas: *f.1.* ceal buidheachais, sástachta, taithnimh. Beidh mí-bhuidheachas agat-sa ar do chosaibh a thug annso thu: beidh aithreachas dian dóighte ort. Is cuma cad dhéinim no connus bíonn mí-bhuidheachas ges gach éinne orm: ní bhíonn aon leagadh ceanamhail aca liom. Pé mí-bhuidheachas é, mhuis, déanfad: gheibhim pé mí-thaithneamh.

mí-chéadfach: (**míchéadfach, míchéatach, míchéadta**) *a.* mí-shásta, mí-bhuidheach (de); mí-ghnaoidheach trí dhíombáidh gan choinne gan súil; milleánach, mí-stuamdha. A mhuinntir mí-chéadfach leis nár éirigh leis fén scrúdughadh tar éis a raibh ’n-a gcois is ’n-a láimh do chailleamhaint leis: mí-shásta go mór-mhór toisc gan súil do bheith aca leis: de mhaoluighthe. Ná cuirtear aon nath ann é do bheith mí-chéadfach ar an ndáil, bheadh seisean mí-chéadfach ar Dhia na Glóire toisc é do chur ar an saoghal!: mí-ghnaoi air leis gach aonnidh ná beadh a mhéar féin ann. Ná bí mí-chéadfach (-chéadta) liom toisc bheith chómh mí-bhéasach gan beannughadh dhuit: gan olc do bheith ort liom trí rud nár chóir. Labhradh go han-mhí-chéadfach liom indiugh toisc an fhaillighe atá tugtha im

chuid oibre agam: do bhí olc is mí-shásta chugham: cuireadh in iúil dom nár thaithnigheas leó.

mí-chéadfadh: (**míchéadfadh**) *f. n-dh.* mí-shásamh; mí-stuaim. Beidh mí-chéadfadh agat ort féin de chionn aon chruisteach do chur air, ní haon dóighthín é, agus cúiteóchaidh sé leat é, dá mbudh ar an saoghal eile é: olc ort leat féin: sean-bhlas. Bheadh mí-chéadfadh an domhain orm leat mara dtógfá aon rud liom a bheadh ag teastáil uait: mí-shástacht. Dá mbudh me thu ní chuirfinn codladh na hoidhche amugha orm féin leis, má tá sé mí-shásta leat, is furaiste mí-chéadfadh do chur air: mí-stuaim. Ó tháinig sí mar bhean mhic ann ní bhfuair sí ach mí-chéadfadh ó n-a raibh sa tigh: neambuidheachas is neamhshástacht lé haon rud do dhéanfadh sí. Níl aon mhí-chéadfadh agam-sa ar éinne agaibh a dhein aon rud as an slighe orm ach orm féin a thug an chao dhíbh chun a dhéanta: milleán. Mí-chéadfadh é sin anois bheith ag gearán mar sin orm mar ná raibh aon bhaint agam lé n-ar deineadh leat: ceal tuigseana: aiteachas: canntalacht.

mí-chéillidhe: *a.* amadántamhail, neamhghlic, baoiseach, ait. Ná déin aon rud chómh mí-chéillidhe sin is do chuid airgid do chur i gcúram ná fuil cruinn-eólas agat air: gan fuaimeant. Nách mí-chéillidhe an rud do dhein an tír bheag san is a fhios aice gur léi imtheacht lé fánaidh dul chun troda é: gníomh buile.

mí-chóirighim: *b.a.* mí-ghléasaim, cuirim in achrann, as ionad, ar ruathar. An tslighe a mí-chóirigheadh an leabaidh go cnapánach, tuathalach ní fhéadfadh éinne codailt innte: a socruigheadh go haindeis. Is gleóidhte mar mí-chóirighis an scéal im choinnibh-se ar do shon féin: a aithrisis go mí-cheart. Ó tháinig sí chúcha mar chailín aimsire is í a mí-chóirigheadh, is beag saoire ná sos do fuair sí uatha: thugadar droich-dhéanamh di. Chuireas a raibh de leabharthaibh sa tseómra in oirear cheart ná beadh agat ach do lámh do bhualadh ar pé ceann a bheadh uait, ní mar sin atá anois ó tháinig duine a mhí-chóirigh iad: a chuir as a n-ionad iad thall is abhfus. Ar an slighe a mí-chóirigheadh an fhoireann ar an bpáirc, ní fhéadfainn an imirt cheart do dhéanamh: in ar cuireadh iad go haindeis in ionadaibh nár oir dóibh.

mí-chóirighthe: *a.r.* curtha as ionad, ar mí-ghléas, droch-shocruighthe, droich-inneallta. Mo mhallacht ar an leabaidh mhí-chóirighthe seo, tá riastaidhe is cnapáin ar m'easnaidheachaibh aice: gan riar ná socrughadh. Fear an-cháiréiseach dob eadh é, is tagadh mí-chéadfadh mór air nuair cuirtí beart mór leitreach go mí-chóirighthe os a chómhair ar an mbórd: gan riar: caithte tóin thar cheann. I dtaobh bídh, is me bhíonn go mí-chóirighthe san ósdlainn aindeis úd: droich-fhreastal a gheibhim. Maidir lé fearas de is annamh do cuireadh long ar poll budh mí-chóirighthe 'ná í: tiargabhálta i gcóir farraige. An t-aon leath-scéal aca i dtaobh a maidhme go rabhadar mí-chóirighthe i gcóir cogaidh, ceal armála, áthraighe aoir etc.: droch-ullamhuighthe.

mí-chóiriughadh: *f.* (*-uighthe*) droch-ullamhughadh, tiargabháil neamh-iomlán, droch-socrughadh: leagan nó aithris olc. Mhill sé an scéal breágh dá innsint leis an mí-chóiriughadh do chuir sé air: aithris olc. Ar an mí-chóiriughadh a bhí tugtha ar an mbiadh gen gcócaire níor bh'fhéidir dul 'n-a ghoire ná n-a ghaor: droch-ullmhughadh. Má dhéineann leadhb mhaith phlámásach é ní dhéanfaidh sé aon mhí-chóiriughadh ar a

ghearán: innsint neamhghasta. Dá mhéid mí-chóiriughadh a fuair sé ós gach éinne go raibh sé fé lais aige, d'iarraidh é do chlaoidheachtaint is do chur bun os cionn sháruigh sé ortha: droich-dhéanamh. Cad eile ach mí-chóiriughadh ar leabhar bheith ag scríobh ainmeacha air is gan a choimeád glan: ionnramháil mí-cheart. Deineann san mí-chóiriughadh ar fhoirinn an bháid beirt do scaradh léi: cuireann san ar mí-threóir í: deineann sé clampar. Sin é an mí-chóiriughadh a dheinis ar mo leabaidh, is í atá go neamhshubháilceach lé luighe uirthe: gan na héadaighe do shocrughadh mar budh chóir. Nílimíd ach díreach ag tosnughadh ar gach nidh do chur i dtreó is tá an oiread san ann go bhfuil mórán mí-chóirighthe ann: achrann.

mí-chómhgar: *f.1.* aistear, dul as slighe, ciotaighe. Im thaobh-sa ná cuir aon mhí-chómhgar ort féin, ní fiú me é, lean ar t'aghaidh: ná cuir tú féin amach. An ndéanfair aonnidh choidhche i gceart? an mí-chómhgar go léir, ag cur breis duaidh is aimsire ort féin: aistear: an tslighe thuathalach. Mí-chómhgar na cruithneachta dhúinn an cruadhtan is mó a bhéarfaidh orainn i rith an chogaidh: a faid ó bhaile. Is iomdha mí-chómhgar tugtha agat ort féin riamh a chuir duadh is aindeise ort: bealach is bóthar neamhghábhtarach gabhtha agat. Mara mbeadh me bheith ar an mí-chómhgar dhuit is iomdha cabhair dob áil liom do thabhairt duit: aistear ró-mhór. Is orm do bhí an t-eagla, ach thugas-sa aire mhaith fanacht ar mhí-chómhgar na scine: faid ná sroichfeadh sé me. Maoidheann an dá thaobh go bhfuil luingeas cogaidh an taoibh eile ag fanacht ar mhí-chómhgar a luingis féin: in áit nách féidir a sroicheamhaint.

mí-chómhgarach: *a.* aistearach, as an slighe, neamhchaothamhail. Bhíomair ró-mhí-chómhgarach dá chéile chun a chéile do chlos go soiléir: ró-fhada ó chéile. Oileán mí-chómhgarach seadh chun dul 'n-a threis lá geimhridh: ró-fhada ó thír. Cad tá ar maoith agat? tá do scéal mí-chómhgarach ar fad: scaipighthe, neamhchruinn. An baile mór mí-chómhgarach chun feóil úr d'fhagháil gach aon lá: ró-fhada ó láimh.

mí-chomhthrom: (**mí-chomhthromamhail, mí-chomhthromach**) *a.* neamh-ionann, neamh-cheart. Ualach mí-chomhthrom ort, tá sé rófhada síos ar bhun do dhroma: in ionad ná fuil subháilceach. Bóthar mí-chomhthrom(amhail) docht chun rud d'iomchar nó do tharrac air, trí é do bheith aimhréidh, cnapánach, ró-bhog nó a leithéid sin. Cathaoir mhí-chomhthrom í sin agat, tá sí ró-árd, ró-chruaidh: mí-shubháilceach: neamhsheascair. Dhá áit mhí-chomhthromacha (mhí-chomhthromamhla) tosach báid nó deireadh trucallach .i. ná bíonn seascair toisc an tsuaineáil do bhaintear as an gcorp. Táir níos mí-chomhthromhla gan peiliúr do bheith mar theannta léd cheann: níl do luighe chómh seascair, subháilceach is dá mbeadh. Talamh mí-chomhthrom: deacair do chur trí árdánaibh, achrann, carraigeacha, etc.

mí-chomhthrom: *f.1.* neamh-ionannas, aiste aindeis, draip, neamh-sheascaireacht, éagcóir, clampar, cruadhan. An capall (caora, bó etc.) ar mí-chomhthrom: sínte ar chnámh a dhrom mar bheadh i gclais is ná féadfadh éirghe. Chuaidh an bhó ar mí-chomhthrom fén gceangal: leagadh ar chnámh a droma í gan éirghe innte aiste féin. B'éigean dochtúir na n-ainmhidhthe do bhreith chúiche, bhí an gamhain ar mí-chomhthrom innte: curtha as an ionad ceart, nádúrdha. Mí-chomhthrom ort! maran b'iad na daoine atá cráidhte agat: mí-ádh go máchail ort. Cá hiongadh é do bheith ag caitheamh

a aoise go maith, fear ná rug aon mhí-chomhthrom riamh air: cruadhtan: aon rud neamhshubháilceach. B'é an lá séimh dos na daoinibh cúram na dtighearnaidhe talmhan do chur díobh is iomdha san mí-chomhthrom do chuireadar ar na bochtaibh: clampar éagcórach. Aon rud a hiarradh riamh orm do dheineas é go neamh-dhoichilleach gan bhladh gan bhuidheachas ach an mí-chomhthrom d'fhagháil gach uair: an eagcóir: an ceart, lom an chirt, do thabhairt dom mar bhí tuillte agam. Budh dheacair dom puinn troda do dhéanamh óir me do bheith in áit mhí-chomhthrom ná féadfainn caitheamh ach ón dtaobh clé: mí-chaothamhail: gan aon deis agam.

mí-chráibhtheach: *a.* neamhdhiadha, neamh-chreideamhach, easurramach. Ní théigheann go dtí aifreann ná órd beannuighthe, tá sé mí-chráibhtheach amach 'samach: gan meas ná áird ar Dhia. Mí-chráibhtheach an duine ná bainfeadh a hata dhe i dtigh Dé: an urraim a braithtear do Dhia is do chreideamh.

mí-chráibhtheach: *f.1.* duine gan cráibhtheacht. Na mí-chráibhthigh a chaitheas a shaoghal gur dhóigh leat ortha ná raibh Dia ná an bheatha síorraidhe ann .i. iad so ná géilleann do Dhia ná do chreideamh. A mhí-chráibhthigh, ní dheaghais ar do ghlúinibh faid atá aithne agam ort: duine malluighthe, gan spéis in anam aige.

mí-chuaird: *b.2.* cuaird nó turus mí-ádhmharach nó tugtha go mí-cheart. Sí an mhí-chuaird duit teacht ag tnúth lém inghin-se, b'fhearr liom í do loscadh 'ná í do thabhairt mar chéile dhuit: cuaird neamh-thorthamhail. B'é an chéad turus riamh san áit aige é is báthadh é, nár bh'í an mhí-chuaird do í: an bhreabhaid thubaisteach. Ní thána ar aon mhí-chuaird chughaibh, a mhuinntir an tighe; chun airgid do thabhairt díbh mo toisc: teacht muinnteardha 'nbhur measc.

mí-chuibheas: *f.1.* dul thar cailc, thar meón, neamh-ghnáthas, iomad, neamh-choitcheanntacht, éagcuimse. Ní maith liom in aon chor do ráidhte béil, tá an iomad mí-chuibhis ag baint leat: gan chuimse ná srian leat. Is gránda agus is tarcuisneamhail mí-chuibheas an óil: dul thar cailc leis: bheith ró-thugtha don ndigh. Bí fuaimeantamhail, síothchánta, cuir uait an mí-chuibheas: ceanndáine gan ghábhtar. Is mór an mí-chuibheas lé toirt: uathbhásach. Nách mór an mí-chuibheas é do theacht is gan aon choinne leis: neamh-oireamhnacht aimsire. Lé mí-chuibheas ceart ní éisteóchadh sé le cómhairle: ceanndáine, ceanntréine.

mí-chuibheasach: *a.* mí-mheónamhail, iomadach, neamhchoitcheannta, éagcuimseach, aisteach. Labhrais an-mhí-chuibheasach leis, chuiris chun uilc é: thar ceart. D'ith sé cuid mhí-chuibheasach leis, chuiris chun uilc é: thar ceart. D'ith sé cuid mhí-chuibheasach, shaoileas ná stadfadh sé go hoidhche: gan aon teóra. Lá mí-chuibheasach ar fad ná féadfá a sheasamh lé fuacht is duibheaca: lá neamh-ghnáthach. Tá sé mí-chuibheasach ar fad lé déidheannaighe ní féidir focal den gcainnt do thabhairt do: ait 'n-a shlighe. Tháinig tinneas mí-chuibheasach i mbun m'easnaidheacha go mb'éigean fios do chur ar an ndochtúir: tinneas uathbhásach. Ná bí mí-chuibheasach: banamhail, geanamhail.

mí-chuma: *f.4.* ceal crota, mí-chlódh. Cuireann an druinn (dronn) atá air mí-chuma air: crot mí-thaithneamhach. Níl aon leitir do scríobhair ná go mbíonn mí-chumas uirthe, ní

mór go n-aithneófá cuid aca: éidealbh: gan an chuma ná an crot ceart. Thug an bhreóidhteacht mí-chuma ort, ní tú an fear céadna in aon chor: níor fhág sí do chrot ná do dhath féin ort.

mí-chumhra: *a.* go ndroch-bholadh, droch-mhusamhail, neamhfholláin. Ubhla mí-chumhra atá i mbarrailidhibh leis na ciantaibh is atá ag tosnughadh ar lobhadh: gan boladh breágh uatha. Sid iad na prátaidhe mí-chumhra lé n-itheadh: mí-fholláin: gan blas milis ná nádúrdha ortha. Na fuinneóga is na dóirse uile dúnta fáischithe go bhfuil aer mí-chumhra ar fuaid an tighe: múchta, mí-shláinteamhail. Uisce gan rith aige é sin, ná blais é, tá sé mí-chumhra: neamhghlan.

mí-chúmtha: *a. n-dh.* mí-chrotamhail, mí-shnasta, droich-dhéanta. Is mí-chúmtha na cosa do chuir Dia fé, cor isteach is cor amach ionta: droich-dhéanamh. Nadhbhóg mhí-chúmtha as a deireadh í: níl a deireadh déanta go snasta ná go taithneamhach. Tigh mí-chúmtha seadh é, ní bhfaghfá aon tsásamh ann, a mhí-oireamhnaighe atá seómraidhe ann, ná fuil tógtha déanta ar fheabhas: gan bheith críochnuighthe 'n-a ceart. Ní bheifeá sásta go lúbfá é sin is go mbeadh sé mí-chúmtha agat: curtha as a fheirm cheart. Sin í leitir is mí-chúmtha dár léigheas riamh, is deacair aon tuisgint do bhaint aiste: í do bheith curtha lé n-a chéile go holc, mí-shlachtmhar.

midhe: *b.4.* lár, corplár. I midhe mhairbh na hoidhche is uaigneach é glór na trágha nuair ná bíonn fuaim eile lé clos: i bhfíor-lár. Maran b'é tráth dhuit teacht é am midhe mhairbh oidhche: an uain go mbrathfá an ciúnas áidhbhéil go dtaidhbhsightear gur chóir gach beó do bheith 'n-a shuan. An mhidhe bháin: talmhan slinn réidh gainimhe.

midheamhail: (**míosamhail**) am uair sa mhí. Tagann an taistealaidhe ag bailiughadh a chuid airgid go midheamhail.

mí-dhúthchas: *f.1.* mí-mhianach, droich-thréith ó shinsear, truaillightheacht. Bhris mí-dhúthchas éigin ann mar dhual do; an eól duitse éinne a bhaineas leis a bhí sprionnlaithe: droch-nádúir. Thugadar mí-dhúthchas na gadaidheachta leó: an ghadaidheacht budh dhual dá sinsear chleachtadar san í. Thuiteadar chun mí-dhúthchas an spirid throda is an chródhacht a bhíodh 'n-a sinsearaibh, níor fhan pioc díobh ionta: meathtacht: truaillightheacht.

mí-fholláin: *a.* neamhshláinteamhail, neamhshlán, gan bheith ar aiste mhaith cuirp, máchaileach, díoghbhálach. Feóil mhí-fholláin gur conntabhairt a hitheadh: ná fuil go maith don sláinte: máchaileach. Chómhairligh an fiaclóir dom a raibh d'fhiaclaibh im dhranndal do stathadh mar go rabhadar mí-fholláin: galarach. Uisce mí-fholláin ná bíonn rith aige: drochshláinteamhail: nách fearrde duine é d'ól. Bata mí-fholláin, bhris sé gan puinn strosa, bhí sé mí-fholláin: dreóighte: neamh-shlán. Aer chómh mí-fholláin sin ann go bhfaghann fear bán laetheanta saoire fada uair sa mbliadhain ann: go holc don sláinte. Cloch mhí-fholláin dob eadh í, ní mór an duadh a fuairtheas uaithi nuair thuit sí as a chéile.

mí-fhonn: *f. n-dh.* mí-mhian, mí-mheisneach, neamh-shuim, ceisneamh, leisce. Cuireann tú fonn is mí-fhonn orm dul ann leis an dtuairisc do thugais air an áit: is áil liom is ní háil liom. Cé hé is mó mí-fhonn 'ná leanbh scoile: is lugha leagadh leis an rud a bhíonn roimis. Ar an mí-fhonn a chonnac air níor dheineas a thuilleadh tafanta air: ceisneamh: leisce. Bheadh mí-fhonn farraige ar an té a bhíos breóidhte uirthe: doicheall aige roimpi. Bhuail mí-fhonn ithte é nár bhlais sé faic ar feadh laetheannta: ceal dúlach: ceal meisnigh chun bídh.

mig: Níor fhan mig ná meaig ionta, ná feadradar cad budh cheart dóibh do dhéanamh nuair tángthas ortha gan choinne leó: baineadh dá dtreóir iad.

mí-ghné: *b.4.* cuma choimhtheach, dhaibhceach; deallramh mí-thaithneamhach. Tugann an geimhreadh mí-ghné ar scéimh na talmhan, imthigheann an úire is an ghlaise: crot, deallramh báidhteach, mí-lítheach. Bearraidh tu féin is caith dhíot an mhí-ghné sin ort, tugann coinnleach féasóige droch-chrot ort: cuma mhí-thaithneamhach. An mhí-ghné atá air ag an mbolgaigh, chuirfeadh sé creithniughadh ort amharc air: cuma choimhtheach: crot mí-chuibheasach, neamh-dheas.

mí-ghnéitheach: *a.* mí-thaithneamhach, coimhtheach, daibhceach; úrghránda. Deallramhuigheann sé ná fuil sé ar fóghnamh ar an gcrot mí-ghnéitheach atá air, téadh-bhuidhe, logartha: mí-thaithneamhach: ná cuirfeá tuath ann. Ainmhidhe mí-ghnéitheach an fhrog: gan déanamh ná clódh gleóidhte uirthe. Tighthe mí-ghnéitheacha na tighthe barrachta atá dhá thógaint anois seachas na tighthe breághtha bríce do tógtí bliadhanta ó shoin: ná fuil so-amhairc: gránda.

mí-ghrása: *f.4.* mí-bhéasamhlacht, mí-chlúiteacht; mí-gheanamhlacht. Is iad clann na mí-ghrása iad níl aon rud dá olcas ná go bhfuil ar eólas aca: ceal tabharthais na macántachta. Na mí-ghrása céadna ghá leanamhaint go deó deó, ólachán is bruigheanta: an droch-thaithighe céadna gan athrughadh. Ná fuil a fhios agat ná beidh agat ach mí-ghrása faid is ná freathálair do dhualgas creidimh .i. gan báidheamhlacht Dé.

mí-ghrástamhail: *a.* mí-bhéasamhail, mí-gheanamhail. Is tú an duine is mí-ghrástamhla a bhuail treasna riamh orm, achrann is clampar ag baint do chéille díot: aithiseach: náireach. Ná labhair chómh mí-ghrástamhail sin is go dtagann déistin ar a gcloiseann thu: neambéasamhail: neamhchneasta: gan urraim do Dhia.

mí-iomchar: *f.1.* neamhgheanmnaidheacht, droch-smacht. Dhearbhaigh an duine go raibh sé ghá mhí-iomchar féin leis na ciantaibh lé mnaoi eile: go raibh sé ag cur aithne neamhdhleaghthach uirthe. "Cá ngeóbhadh an mí-iomchar?" deirtear nuair bhíonn rud mí-gheanmnaidhe déanta: cuimhnightear air. Lé corp mí-iomchair is teasbaigh tá gasra aca ann a choimeádas muinntir na sráide ar barr ithreach gan aon chodladh lé béicigh is gárthaibh: ceal smachta.

mí-ionbhadhach: *a.* mí-thráthamhail, neamh-chaothamhail, neamh-éascaidh. Oidhche ghealaighe bíonn sí mí-ionbhadhach chun iascaigh, bíonn sí ró-gheal: fabhrach, séanamhail. Is mí-ionbhadhthaighe maidean ná neóin: neamh-éascaidhe: neamh-

fhabhraighe. Leath-thaoide an mí-ionbhadhach chun pallóg .i. am ná bíonn fonn beartha ortha. Do rug an bhó go mí-ionbhadhach: roim am a haistir. Tagair riamh nuair bhíonn rud éigin fóghanta ar siubhal, ní mí-ionbhadhach do bhír .i. gan bheith ar an am ná beadh an ráth ghá leanamhaint.

mil: *b.3.* lionn milis righin do bhailigheann beacha; mílseacht. Ar an gcion atá agat air mar bhainne budh dhóigh lé duine gur mil agat é .i. ró-cheanamhail lé n-a fheabhas. Budh mhór ar fad an chinneamhaint iad do bháthadh lá meala mar é: lá ciúin aoibhinn. Tráthnóna lae a bpósta d'imthigheadar thar lear ar mhí na meala: an seal tar éis pósta chaitheann lánamha (nuadhphósta) ón mbaile. Ubhall chomh milis lé mil: sár-mhilis. Ní haon mhaith dhuit bheith ag cuimilt mheala fúm-sa. Ag díol mheala is ag ceannach mhilseáin: ag cur cúraim ruda mhaith de dhuine ar son ruda budh mheasa. Cír (cíor) mheala: déantús nó cruth céarach go mbíonn a lia ceall ann chun meala nó maolodhar do chongbháil. Gheibhim blas na meala ort: gach rud adeirir taithnigheann liom. "Is mílse blas a béilín fós ná mil dhá ól trí dhearg-fhíon". "Dá mbreith suas as an tír sin go fearann maith, fairsing, go fearann do bheir tuile bhainne is mheala etc." (Ecs. III. 8) .i. tír shaidhbhris í. "Agus adubhairt sé liom, "a mhic an duine, tabhair ar do bholg ithe, agus líon do mhíonach leis an rolla so bheirim-se dhuit. Annsan aduaidh me é, agus do bhí sé im bhéal mar mil ar mhilse"" (Esc. III. 3): chómh milis is b'fhéidir do bheith. Mil-mhear: plannda an-chosamhail i gcrot leis an meacan dearg féin go mbíonn blas an-shearbh air. Mileanna gabhair: an bhláth mhilis a bhíos ar an dtáithfhéithleann. "Ní maith mórán meala d'ithe, mar sin ní glóir do dhaoine a nglóir féin do spíonadh" (Seanráidhte XXV. 27). "Cóireóchad lé mil sé Jimmy mo mhíle stór": tabharfad togha is rogha gach ruda dho.

mil-: *i gcfhbh.* binn, milis. Bean mhil-bhriathrach a mheallfadh na céadta fear: milis as a teangan. Tá sé mil-labhartha go maith: plámásach. Nuair theastuigheann aonnidh uaidh sé bhíonn go mil-theangthach: bladrach, lághach.

mí-laoch: *f.1.* meathtach, spriosán. Cad n-a thaobh gur theichis gan call leis? nách tú an mí-laoch?: an fear meathta. Mí-laoch seadh thu ná himreann cluiche ar bith, nách diail an cion atá agat ar do chnámhaibh?: spriosán: duine gan anam, gan fuinneamh.

mí-laochta: *a. n-dh.* meathta, neamh-mheisneamhail. Budh mhí-laochta an bheart uait gan iarracht do thabhairt ar é do shaoradh ó bháthadh: gan meisneach, ná tapa, gan ródhacht. Ag teicheadh ataoi riamh ós gach éinne, níl do leithéid eile chómh mí-laochta: gan tréithe fir ródha.

mí-laochas: *f.1.* mí-chródhacht, mí-fhoirtileacht agus mí-fhaidteadhlacht lé linn guaise, etc.: ceal lúthghára is sástachta is mórdhála as bheart atá déanta. Budh cheart mí-laochas do bheith ort is gan do bhéal d'oscailt as an slighe a thréigis do chómhghuaillidhthe lé linn an áir: náire as do mheathtacht. B'fhéidir gur b'ait leat-sa cad tá déanta agam leis, óir ná tuigir, ach níl aon mhí-laochas orm-sa tríd: motháilt gur cheart dom náire do bheith tríd orm. Ar aon fhód catha gur thángadar treasna orainn ní raibh ionta seasamh 'n-ár n-aghaidh lé mí-laochas: ceal tréithe cearta fear ródha, dána, misneamhail. Budh mhór is budh náireach an mí-laochas teicheadh ó fhear ná fuil leath do thoirte ann: meathtacht.

míle: *f.4.* an uimhir a céad fé dheich; tómhas faididheacht, 2240 slat. Dhein sé na mílte is chaith sé na mílte: mórchuid. Is míle measa dhuit chughat teas na dúthaighe 'ná an fuacht: i bhfad is i bhfad níos dochraide. Budh mhíle b'fhearr di gan an póitire sin do phósadh riamh: budh shona is budh shubháilcighe bheadh an saoghal aice. "An bhfuil airgead aige, dar leat?" – "na mílte": an-chuid Éireann. Chun uimhreach gan teóra do chur in iúil mar atá, dubhart leat míle uair gan bacamhaint leis an scéal san: go minic minic. Mo mhíle beannacht ort an méid sin do rádh leis .i. is me atá go sásta, buidheach. An é seo fear na mílte? "Tá Seán Buidhe dhá chlaoidheachtaint" – "mo mhíle mairg é": aon bhrón ní chuireann orm. Míle uair tá bagartha air fanacht ón dteine .i. go mion, minic. Mo mhíle grádh thu, fan socair go mbainead an dealg duit. Mo mhíle grádh thu, bíodh ciall agat (seachain tú féin, cad tá ort? goirtigheadh thu etc. etc.): a chaonaidhe ionmhain. Táim ar mo mhíle dícheall d'iarraidh airgid do bhailiughadh, ach tá ag dul díom: a thuilleadh ní fhéadfainn do dhéanamh. Beidh na mílte láithreach, nidh nách iongadh: mór-shluaighte. Dá mairinn míle chuimhneóchainn do air chuir sé an oiread san uilc orm: mórchuid bliadhan. Níor chuiris amach an uair úd é, táir na mílte uaidh .i. i bhfad as an slighe. Nílir na mílte in ao'chor uaidh, tabhair do thuairm airís: ní mór ná gur chuiris amach é. Míle mór (Gaedhealach) .i. ár dtómhas féin; míle beag (gallda) .i. dréir thómhais Shasana. Tá an t-oileán úr na mílte míle uainn .i. an-fhada. Tabhair do mhíle mallacht don Earrach a thagas ró-thirim, ró-dhubh .i. tá sé le cáineadh. Mo mhíle beannacht ort is déin an chomaoin seo dhom: mo bheannachta go hiomadamhail ort. Duine fén (sa, as) míle a gheóbhfá a dhéanfadh beart chómh sprionnlaithe: caonaidhe fáin. Tá mo mhíle buidheachas ag dul duit: mórán.

mí-lí: *b.4.* droch-dhath, ceal datha. Ní ró-mhaith an cómhartha sláinte an mhí-lí atá 'n-a ghruadhannaibh, níl luisne ná braon fola: báidhteacht datha. De gheit léim an leómhan treasna an chasáin rómham, bhrathas gach aon bhraon fola diúgtha ionam. Táim deimhnightheach gur iompuigh an mhí-lí ionam: dath an bháis.

milis: (**mílis**) *a.* taithneamhach don gcarball, binn (don gcluais is don súil), cumhra (don gcoinncín), taithneamhach (don súil), blasta (don aigne), úr (don mblas); cneasta, sóghail; bladarach, mealltach. Is milis an rud an tsláinte b'fhearr aire do thabhairt di: luachmhar. Is milis an rud an t-anam fanfad ó chogadh na bpiléar: luachmhar: rud gur cheart bheith ceanamhail air. Té milis .i. go mbíonn morchuid siúicre air. Is milis dhá ól é, ach is searbh dhá íoc é: subháilceach, sóghail: an t-aon locht atá ar aonnidh a thaithnigheann linn díol as. Is milis fíon, is searbh a íoc: dá shóghaile rud budh dhá shóghaile é mara mbeadh caitheamh díol as. Seachain an gleacaidhe milis sleamhain 'san teanga liom leat: an barránach a bhíos d'iarraidh do dhlúthmhuinnteardhais lé briathraibh meala. Ní gnáthach (ní minic) milis folláin: an rud is fearr lé duine maidir lé blas nó an té is mó a bhíos ag dul trínn isteach lé taithneamh cainnte is minic, minic gurb iad a ghníos ár ndíth. Cad is milse ná mil?: is sóghaile, is taithneamhaighe lé blas. Milis nó searbh dubhairt an dochtúir go gcaithfeá é seo d'ól: so-thógtha nó a mhalairt é. Ní milis liom in ao'chor aon rud do bheith ar éinne dos na cómharsanaibh: ní thaithnigheann liom. Ná í a chuir chugham go milis: go laothach, cneasta chun pé nidh a bhí uaithe do ghnóthughadh. Níor mhaith liom aon chaduaic do chur air, ní thaidhbhsigheann sé ró-mhilis: ar aiste shubháilcigh. Dar linn is lé mórán gur milis an teanga an Ghaedhealaing: binn, ceólmhar

don gcluais. Níl aon easbhaidh briathar milis air, dá mbeadh sé leath chómh maith chun oibre is tá sé chun cainnte dob iongtach é: cainnt bhreágh, bhlasta is fáth rúin aige leis. "Is ceol binn, milis na n-éan ann lé hamharc an lae dhul uainn": aoibhinn. A Íosa mhilis! saor m'anam: ceanamhail, grádhmhar, sochma. "Do rinneamair araon cómhairle mhilis, is chuadhamair in aonfheacht go tigh Dé" (Sailm LXV. 14): a thaithnigh linn araon. "Is milis lé duine arán na ceilge, acht 'n-a dhiaidh sin beidh a bhéal líonta lé gainimh" (Seanráidhte XX. 17): taithneamhach, so-bhlasta. "Agus an dream a bhrúigheas tu beathóchaidh me iad lé n-a gcuid feóla féin, agus beid ar meisce lé n-a gcuid fola féin amhail budh lé fíon milis etc." (Isa. XLIX 26): fíon go mbeadh blas trom an tsiúicre air.

milis-bhean: *b.* bean chneasta, ghrádhmhar. Muire Mháthair an mhilis-bhean.

milis-bhriathrach: *a.* caoin-labhartha, líomhtha. B'é Piaras an file milis-bhriathrach ag tagairt do mhnáibh .i. focail chaoine, bhinne aige leó. Nuair theastuigheann aonnidh uaidh tá sé i gcumas bheith chomh milis-bhriathrach lé héinne eile: plámásach, bladardha. A theallaire bhig, nílir chómh milis léd mháthair, agus budh cheart duit bheith: cneasta i gcainnt.

milis-ghob: *f.1.* béal cáiréiseach, caoin, cneasta, miochair. Dréir mar chídhim, ní hé gach aon rud a réidhteóchadh léd mhilis-ghob-sa: cáiréiseach: beadaidhe: ceanamhail ar rudaidhibh soghaile amháin. Nách ort a bhíonn an milis-ghob nuair bhír sa tsoláthar .i. ag lorg aon ruda dhuit nách tu a bhíos miochair, modhamhail, síbhialta.

mí-lítheach: (**mílítheach**) *a.* báidhteach, droch-dhathach, ar cheal datha. D'úirlic sé a raibh 'n-a bholg agus tháinig dath mí-lítheach air: dath a fhoillsigh nár bhrath sé ar fóghnamh. Fág mo radharc! a rud mí-líthigh .i. go bhfuil crot is dath an bháis air. Tá sé chómh mí-lítheach lé seanduine crannda, casta: gan luisne: gan braon fola. Mí-lítheach mo dhóthain atáim tar éis an méid sin breóidhteachta: an luisne fola fachta bás ionam. Tar éis fuachta is fliucháin an gheimhridh tá dath mí-lítheach ar an dtalamh: liath gan áire.

milleadh: *f.* (*-lte*) scrios(adh) gortughadh, (do) mháchailiughadh, (do) chreachadh, éirleach, millteóireacht (púcaidhe), argain, lat, cealgadh, draoidheacht, cómhacht díoghbhála. Mo mhilleadh agus choidhche ní dhéanfair an bheart: mo bhrón, fairír! "Mhaoidh sé ar an gcraolachán airéir go mbeadh an namhaid claoidhte fé bhliadhain" – "mo mhilleadh!" .i. níl annsan ach cainnt san aer. Milleadh ort mar fhocal maran tú atá ag dul díom: mo mhallacht ort!: scrios ort! Dá dtógthá cómhairle dhuine a bheadh ar mhaithe leat ní bheifeá ghod mhilleadh féin leis an gcogadh so: ghod chiapadh: leigeant do tu do chur trí chéile. "Mo mhilleadh is mo bhrón mór go raghad 'on roilig", deirtear lé headóchas nó lé haonnidh ná taithnigheann le duine. Tá milleadh éigin tagtha orm ná fuil aon fheabhas ag dul orm (nách féidir liom an cúrsa do thuigsint, ná heireóchadh liom ar aon rud, etc.): máchail: iomard os mo chionn: "an droch-shúil" curtha ionam. Má fuair éinne riamh milleadh ó n-a chlainn fuaireas-sa, lá ná oidhche fé shonas níor thugadar dom: claoidhe, clampar, iomard. "Tá milleadh ionat mar dhuine": déarfá lé duine gur duadh, crádh, clipighthe, iomard nó seódh is sult fiú amháin ann. Sé an rud is mó atá ghá mhilleadh fé láthair ach ná feadair sé cad í an aigne atá agat-sa dho: ag cur corabhuaise air. An rud a chuir an milleadh ar an iasc sa chuan so, an iomad trollairidhe bheith ag

réabadh a thóna: a chuir chun deiridh é: a luigheaduigh an bhreith. Sasana riamh tír ár millte: ár screasa. Milleadh orm-sa má fhoidhnighim a thuilleadh leat: díoghbháil sláinte nó cuirp. Milleadh na gréine ar na barraidhibh: an iomad teasa dhein a ndíth. Dhearbhuigh sí san éitheach air gur b'é a dhein a milleadh: a chuir ó chrích í. "Cá ngeóbham anois?" – "sin é an milleadh": sin í díreach an fhadhb. An milleadh gheóbhfá uaidh far a mbeadh d'airgead caithte agat air: an clampar is an callshaoth.

milleán: *f.1. & b.* aithbhear, locht, míchéadfadh, béim, táinseamh. Bíodh a mhilleán agam orm féin go bhfuilim bocht, mar nuair bhí slighe is cao agam ar airgead do dhéanamh thugas faillighe ann: an locht. Cé air go bhfuilir ag cur milleáin an dorais do bhriseadh?: go bhfuilir ag cur na cora 'n-a leith. Ná raibh milleán ag Dia ort: ná raibh sé 'n-a dhiaidh ar son peaca ná cora. "Mo mhilleán air!" deirtear nuair deintear rud ná ceadófá nó ná haontófá leis. Cuirtear milleán gach aonnidh orm-sa, pé ceann atá tógtha dhíom: cúisightear me leis: orm-sa cuirtear an locht. Ní bheidh aon lámh agam ann, b'fhearr liom gan a mhilleán do bheith orm: gan bheith ghá chur im leith gur mé budh bhun lé rud a bheadh mí-cheart. Is mór an milleán atá ag dul do as an bhfaillighe atá déanta 'n-a ghnóth aige: budh cheart locht mór do bheith air. Is iomdha milleán a bhí riamh orm: is iomdha uair do cuireadh rud im leith, nó go raibh rud déanta as an slighe agam. Ní har atá an milleán an turus so: an chúis. Is ar an aoileach do chuireas air is ní har an síol atá a mhilleán agam: an locht. Tá milleán tuillte agam-sa nár tháinig eatartha in am sar ar ghoirtigheadar a chéile: budh cheart gur mise a déanfí freagarthach ann. Is mó an mhilleán atá ag dul dom-sa a leig duit é do dhéanamh agus a fhios agam cad é an toradh a bheadh air, ná duit-se a bhí dall air: is mise budh mhó go bhfuil cáineadh na ndaoine tuillte aige. Mo mhíle milleán é: táim (budh chóir bheith) mí-bhuidheach go mór do.

milleánach: *a.* cnáimhseánach, lochtamhail, cáinteach. Ar an dtuiteam do fuaireas go bhfuilim milleánach ar m'easnaidheacha do bheith chómh tinn: go bhfuil an locht agam: go gcuirim 'n-a leith gurb é is cionntach leis. Bíonn sé milleánach ar a cheann: ghá rádh go mbíonn tinneas ann. Bhí an dochtúir milleánach ar na droich-fhiacla, gurb iad do thug droch-ghoile dhom: is ortha san do chuir sé an locht. Ná tóg aon cheann den ruathaire sin, ní mhairfeadh sé gan bheith milleánach: gan bheith ag cnáimhseán ar imtheachtaibh chách is ag fagháil lochta. Is beag screatal díom ná fuil goirtighthe ach is milleánaighe me go mór ar mo ghlúin: is gearánaighe: is í is mó atá ghom bhascadh. Ná bí-se milleánach in ao'chor, thugais na cosa bog go maith leat seachas a thuilleadh: gearánach: lochtamhail. Táthar an-mhilleánach ort ar fuaid an cheanntair: duine annso is duine annsúd go bhfuil cúis id leith aige nó gearán éigin ceart nó éigceart. Táthar an-mhilleánach ar an Earrach so .i. níl sé chun sástachta ná ndaoine. Dá mbeadh aon nidh milleánach aige id choinnibh chídhfeá ná fuil sé chómh cneasta agus leigeann sé air: aon rud gur bh'fhéidir leis cúis do dhéanamh de.

millim: *b.a.* creachaim, scriosaim, laitim, goirtighim, mácailighim. Is é an rud a mhill ar fad me dá shoiléire a bhí an cúrsa ag dul gur ag cruadhadh air do bhí sé é do thuigsint: a ghaibh tríom: a chuaidh díom do thuigsint. Millfidh an triomach so má leanann air an churadóireacht: laitfidh í. Millfir thu féin leis an mbiadh saidhbhir sin: déanfair do dhíoghbháil. An saghas cainnte gan éifeacht a bhíos ar siubhal aca mhillfeadh an croidhe

ionat: chrádhfadh. Mhillis-se do mhuinntir ach go háirighthe léd dheáibreachaibh fiadhaine: chlipis is chlaoidhis iad: thugais saoghal anródhach dóibh. Chodail sé i lios oidhche is milleadh é! buaileadh poc air: cuireadh iairlis 'n-a ionad. Caomhnuigh an tslat is mill an mac: ná cuir smacht ar do chlainn is beid droich-iomchair. Níor mhill aon lá riamh é ach an saidhbhreas ar a bhéal a bhí ges na cómharsanaibh is é féin beo, bocht, dealbh: ní chuireadh aon rud eile crádh croidhe ceart air ach é. Mhillfeadh sé thu ag teacht treasna ort: chlipfeadh. Milleann tú me: tuirsigheann tú me le cainnt ná fuil spéis ná suim agam innte, nó lé tafant orm rud éigin do dhéanamh ná teasuigheann uaim. Ní hí an t-aon chailín í do mhill sé: do chuir sé ó chrích. Mhillfeá sinn, fan uainn: chlipfeá agus chrádhfá.

milliún: *f.1.* míle míle, deich gcéad míle; milliún mana airgid; mórchuid, furmhór na ndaoine. Dá mbeadh na milliúin aige ní scarfadh sé lé pingin de: an t-aimeón airgid. Duine a dhéanfadh is na milliúin ná déanfadh: sluaighte iomadamhla. Tá milliún fáth agam lé gan dul leat: oiread is ná cómhaireóchainn.

milliúnaidhe: *f.4.* duine gur fiú milliún púnt a shaidhbhreas; duine go mbíonn na leaga liatha aige.

millte: *a.r.* creachta, scriosta, stalcuighthe, truaillighthe, suarach, truaghánta. Bheadh t'anam is do chroidhe millte ó bheith ag éisteacht leis na scéaltaibh aite atá aige: tuirsighthe. Chaitheas uair an chluig mhillte ag éisteacht leis, níor dheineas oiread gáiridhe riamh: suaidhte: gan aon tsuaimhneas agam. Shaoileas gur ag baile a bhí sé um an dtaca so agus féach go bhfuil sé, tá sé millte: fé dhraoidheacht. Ar feadh trí huaire an chluig do bhí an luingeas aoir ag maidhmeadh na cathrach gur fhágadar a furmhór millte: scriosta: leagtha. Guala agam go bhfuilim millte im bheathaidh aice lé tinneas nimhe: suaidhte, cráidhte. Mo chosa millte gen mbóthar: cortha, traochta. Fáiseanna beaga, millte atá ann, ghaibh géire na mara tríotha, aon bhorradh ní dheaghaidh ortha: truaillighthe, suaracha. A rud mhillte! fág mo radharc ní bheinn ag féachaint ort ag cur chun aonnidh do dhéanamh: a ruidín gan anam, gan toirt, gan fuinneamh. Seachain tú féin air siúd, tá buille millte aige: goirtightheach, marbhthach. Tá an diabhal ar fad air chun dighe, tá sé millte chuige: níl aon chuimse leis an ndúil atá aige ann. Ní raibh aon ainmhidhe millte ar an margach ach é, níor fhéach éinne siar air: go raibh cuma chómh truaillighthe air. Istigh 'n-a ceann tá súil mhillte a mheallfadh milliúin: díoghbhálach. Tháinig scríob mhillte adtuaidh a leath mórán ainmhidhthe: scriostach: creachach.

millteach: *a.* goirtightheach, scriostach, díoghbhálach, mealltach, áidhbhéil, iongtach. Is millteach a bhfuil de chainnt aige, cá bhfaghann sé a leath?: uathbhásach lé méid. Nách millteach an charraig an Tiaracht lé géire: áidhbhéil. Tháinig sioc millteach nár fhág faic sa gháirdín gan cur chun báis: díoghbhálach: léirscriostach. Is millteach an fhaid ó bhaile atá sé do choisidhe, os chionn céad míle: uathbhásach: marbhthach. Baineadh leagadh millteach as, anuas ar bhior a chinn, ná raibh sa mhaith chéadna riamh ó shoin: an-ghoirtightheach. Ainmhidhe millteach é sin bhuailfeadh speach ort gan choinne leis: malluighthe. Farraige mhillteach ann a bhádhfadh duine gan ró-mhoill: chonntabharthach. Ar an meisce a bhí air is millteach a raibh ólta aige: a lán Éireann. Is millteach an gléas cogaidh na pléascánaidhthe aoir, scrios ar a lorg i ngach áit dá n-ionsaighid. Té millteach

lé neart: an-láidir ar fad. Girrfhiadh millteach ná féadfadh cú ar bith teacht suas leis: ceann go raibh siubhal áidhbhéil aige.

millteán: *f.1.* duine nó ainmhidhe a mheathas, suarachán, truaghán. An millteán capaill a bhí fén ualach aige, leath-chaillte leis an ocras, ní mór go dtairngeochadh sé sop. Geallaim dhuit gur bhreágh an lá dhi Dia do chur fios uirthe, í n-a millteán ón lá rugadh í, gan toirt madra innte: truaghán. Cad é an bainne do bheadh ag an millteán bó san go bhfuil na cnámha ag polladh an chroicinn aice: rud ocrach.

millteóir: *f.3.* creachadóir, scriostóir, ciapuightheóir. Táir ar an millteóir is mó a bhuail riamh liom, tá mo chroidhe is mo shláinte briste agat: ciapuightheóir. An sioc an millteóir dos na barraidhibh: creachadóir: scriostóir. Níor fhág na millteóiridhe ainmhidhe ná léas arbhair 'n-a seasamh sa cheanntar: lucht scriosta. D'árduigheadh an cíos agus an t-íoc gur chlaoidh na millteóiridhe na haindeiseóiridhe bochta: tíoránaigh, teannairidhe. "Annsan suaimhnighid na bráigheanna i bhfochair a chéile, ní chluinid guth an mhillteóra" (Iób III. 18): an té atá ghá mbrughadh fé n-a chómhacht. "Do thréig sé a dhíon, amhail an leómhan; óir tá i dtír uaignigh trí dhíbhfeirg an mhillteóra agus trí a fheirg fhíochmhair sin" (Ier. XXV. 38): an géirleantóir. Millteóir ceart é sin, choireóchadh sé an chloch ghlas lé 'n-a shúil: duine gur féidir leis díoghbháil do dhéanamh lé n-a shúil (an uilc).

millteóireacht: *b.3.* gortughadh, scrios, meathadh, géirleanamhaint, tíoránachas. Tháinig millteóireacht ar an leanbh san nár fhás sé puinn riamh: meathalóireacht: d'fhan sé 'n-a phíothal 'n-a shiabhra. Dhein an amhailt mhara millteóireacht ar an líon, dhein puill mhóra ann: scrios: lot. Níl a leath oiread toirte ins na daoinibh anois 'e bhreis thar mar bhíodh, pé millteóireacht atá tagtha ortha: meathadh: cranndacht. Mara mbeadh millteóireacht éigin do bheith air ní fhéadfadh sé choidhche bheith in oiread áit 'n-a ghiorracht aimsire: draoidheacht: rud éigin dolbhtha ag baint lé n-a chorp go ngluaiseann chómh mear ó áit go háit. Tá millteóireacht uirthe ón lá thuit sí dá chodladh amuigh: ní hí an duine céadna í de dheascaibh na siabhraidhe do bhualadh poc uirthe. Ceódh is báisteach millteóireacht na mbarraidhe: a ndíoghbháil.

mílse(acht): *b.4.* $_{7}$ *3.* ar bhlas an tsiúicre nó na meala, sóghaileacht, so-bhlastacht, miochaireacht, bladaireacht. An iomad ar fad mílseachta ag baint leis dómh-sa, d'iarraidh mo rún do nochtadh ag dúmas muinnteardhais liom: bladaireacht. Aon rud a theastóchadh uait is a loirgeófá lé mílseacht gheóbhfá é: miochaireacht: cneastacht. Ní ólfadh sé an fíon lé n-a mhílseacht .i. iomad de bhlas an tsiúicre. Cuir a thuilleadh siúicre air is raghaidh sé i mílseacht: beidh breis de bhlas mhilis air. Tabharfar mílseacht chainnte annso dhuit, faid is iomcharair tu féin: cneastacht. An mhílseacht go léir a bhí aice liom go bpósfainn í: an mealladh: iarrachtaidhe an-mhuinnteardha dhá dhéanamh aice lé bladar. Má tá an rud atá uait agam gheóbhair é gan aon mhílseacht: bladar is plámás. An dúil mhairbh atá aige i mílseacht: soghalaistidhe. Cuireann sé mílseacht ar mo chroidhe an obair fhearamhail atá déanta agat: taithneamh is aoibhneas. An té ná déanfadh mílseacht an tráthnóna so maitheas dá shláinte tá an cúrsa go dona aige: breághthacht is cneastacht. "Agus adubhairt an crann fíge leó, an dtréigfinn-se mo mhílseacht agus mo thoradh maith agus dul dom árdughadh os chionn na gcrann" (Breith. IX. 11): mo chumhracht blasa.

milseán: (**mílseán**) *f.1.* aon rud milis nó a ghníos milis, aon rud sóghail. Má tá milseán ag aon bhuin i gCúige Mumhan tá sí aice sin, fair ag líoghradh chómh sásta í: féar go bhfuil saidhbhreas ann agus blas fíor-mhilis air. Ná bí ag tarrac aon mhilseán dómh-sa, ní thiocfainn leat ar ór na cruinne: aon rud a mheallfadh me. "Ag díol mheala is ag ceannach mhílseáin": malartughadh díth chéillidhe.

milseánta: (**mílseánta**) *a. n-dh.* go mblas mílis. Chuiris traghain shiúicre air, tá sé i bhfad ró-mhilseánta dhom: mílsighthe. D'íosfá lán cléibhe den arán milseánta so: an-mhilis.

milseántacht: (**mílseántacht**) *b.3.* ar aiste bheith milis. An dúil mhairbh atá sa mhilseántacht aige: soghalaistidhe, sócainidhe.

milsighim: (**mílsighim**) *b.a. 7 n-a.* deinim milis, tugaim so-bhlas air, maoluighim. An leasughadh as an siopa an buachaill a mhilseóchaidh an féar san: a thabharfaidh blas milis air. Mhilsighis ró-mhór an té seo, tá siúicre 'n-a thraghain ar thóin an árais. Aon fhocal ní féidir do labhairt leis, tá sé chómh searbh tuaisceartach san mara milseóchaidh faic é: maolóchaidh, a bhainfidh cuid den nimhneacht dá aigne. Chaill sé a raibh de mhaoin aige in oibreachaibh ná raibh aon eolas aige ortha. Is níor mhilsigh sé an saoghal do an méid bás a rug air: níor aoibhnigh. Milsigh an piúnt leanna duibh: cuir ag téidheamh é is siúicre air.

milsiughadh: (**mílsiughadh**) *f.* (*-uighthe*) do dhéanamh milis, do mhaolughadh. Tá sé ró-luath sa mbliadhain fós is an aimsir an-dhubh chun aon mhilsiughadh do bheith tagtha sa talamh: so-bhlastacht d'ainmhidhthibh. Is mór an milsiughadh ar shaoghal éinne airgead do bheith aige: bogadh: feabhasughadh.

min: *b.2.* saghas gráine soi-ithte meilte mós garbh i gcómhnáird lé plúr. Tar éis an chloch reatha tá an chré chómh mín le min: brúighte gan cnapáin beag ná mór. Bhuail an long ar an gcarraig is deineadh min (mheilt) di: gránlach: brúscar: blodhtacha miona. Mara leigir dom féin níl aon chnámh id chorp ná go ndéanfad min de: brisfead go mín iad. Caithfear fuinneadh dréir na mine .i. arán do dhéanamh go cúramach dréir méid na mine .i. caithfidh duine bheith aireach is gan aon rud do chaitheamh thar mar bheidh cumas aige air. Min gharbh, mhín, eórnán, choirce, sheagail etc. Min ruis is maith chun othair do tharrac: ceiridhe de shíol an lín. "Glac na clocha muilinn agus meil min etc.": brúigh an gráine go mion, mín. Is deas an déanamh ar arán é go deimhin, é 'n-a mhin agat: briste brúighte 'n-a bhrúscar. Ní raibh riamh agam lé bochtanacht ach an leite mhine: pairseach mhine.

mín: *a.* réidh, socair, an-mhion, cneasta, macánta, miochair, ciúin, ceannsuighthe, tláthuighthe, riaduighthe, beartha chun tíorachais, umhal, géilleamhail. Bhímís chómh mín lé cat ar scoil lé heagla roim an máighistir: socair, ciúin, gan corruighe asainn. Tá an bóthar mín féd chois anois is ní bheir i bhfad: réidh, socair. Buail do lámh ar an éadach san, tá mianach ann, tá sé chómh mín lé síoda: sleamhain, gan cnapán. Cé chreidfeadh go bhféadfadh an fharraige choimhtheach bheith chómh mín, is geal lé gloine í: a huachtar socair, réidh. Géadhanna míne tighe: is féidir do chluicheadh. Níl san leath chómh míne is thaidhbhsigheann sé, níor ró-dheacair cochall do chur air: socair-mhianaigh: cneasta.

Daoine míne, macánta iad san ná cuireann cruisteach ar éinne: cneasta, so-ranna. Sin í an gluaisteán is míne gluaiseacht dár shuidheas riamh innte: is lugha corruighe. An taobh mín atá agat do theasbáint do féachaint an leigfeadh sé isteach sinn: cneasta, síothach, modhamhail. An té a shiubhlann i bhfad meileann mín agus garbh: bíonn air gabháil tríd an saoghal mar thagann sé air, olc nó maith. B'fhiadhain droich-mhiantamhail an duine tamall é ach anois tá sé chómh mín le huan ag an saoghal is ag an aimsir: laguighthe, ciúnuighthe. Labhair níos míne léd thoil, níl taithighe againn annso ar ghlamghail: níos séimhe. "An t-ualach is mó ar an gcapall is míne" .i. an té a bhíos maol, neamh-dhána is air is déine bítear. Cré mhín: mion ar nós na gainimhe. Labhair go mín liom go dtuigead i gceart, mar is beag é mo thaithighe ar do theangain: cneasta, socair, mall. Ní go ró-mhín do scríobhann an sean-pheann so: líomhtha: gan glór. Sé an locht is mó do gheibhim-se ort tú do bheith ró-mhín leis gach éinne: cneasta. An mbíonn an láir sin mín fén dtrucail?: umhal: éascaidh ar rud do dhéanamh ar an ngiolla. Ó mo lagar! is ní mín an fhéachaint do thug sé ort nuair loirgeas an t-airgead air: cneasta: grádhach. Cuimil go mín í mar tá sí an-thinn: go cneasta: gan deabhadh ná fotharaga. "Mo bhiadh, mar an gcéadna, do thug me dhuit, plúr mín agus ola i mil lér bheathuigh me thu etc." (Esec. XVI. 19): ar nós an phúdair. Bí mín léi: cneasta: lághach.

mín-: *i gcfbh.* cneasta, caoin, réidh etc. Lá mín-áluinn mar é is mór an náire dhuit bheith id scraiste dhíomhaoin istigh: go han-aoibhinn. Nách í bhíonn go mín-bhriathrach nuair theastuigheann aon rud uaithe: lághach 'n-a labharthaibh. Caith mín-chlocha ar an gcasán tímcheall an tighe chun é do thaidhbhseamh go maith: clocha sleamhaine, réidhe. Ar a aoirde do labhradar agus a ghoirgighe do bhíodar lé chéile, ní haon mhín-chómhrádh a bhí eatartha: ciúin, ceannsa, cneasta. D'imthigh an t-olc is an droich-mhianach, tá mín-dreach indiugh uirthe: cuma shochma. Dá méid í agus í ar na háthraighibh is mó sa domhan, b'iongadh leat í do bheith chomh mín-dealbhach: líomhta, córach cúmtha. Is agat an mín-dearc, níor mhaith liom cúis do bheith agat orm: ná fuil féachaint chneasta. Is iad a brosna fiacal atá i mín-eagar: suidhte go taithneamhach 'n-a dranndal. Cad n-a thaobh an mín-éileamh, budh dhóigh lé duine nách é do chuid féin do bhí dhá lorg agat: iarraidh an-lag, an-umhal. Ní mín-fhéachaint do thug sé dhuit nuair dubhrais gur bheag an mhaith a bhí chun aonnidh ann: amharc cneasta lághach. Mín-fhéar a fhasann ann go n-imthigheann ainmhidhthe bán chuige: féar milis, so-bhlasta. Bainfí siubhal cuibheasach maith as an sean-bhád ar mhín-fharraige: ná beadh garbh: sleamhain. Mín-fhearas nár mhór duit chun iascach breac ruadh: ná beadh láidir ná tútach. Is rómham a bhí an mhín-fháilte aca: fáilte ó chroidhe. Ní mór an mhaith mín-fhógra do thabhairt don duine dána san ach eagla do chur air: fógra séimh, cneasta. B'aoibhinn leat a mín-fholt do láimhseáil, é ar nós an tsíoda: réidh, sleamhain. Níl aon mhín-fhuadar anois fút ar an ngothadh atá ort: pé rud atá fút do dhéanamh ní go tláith ná go socair é. Iongtas an cheanntair a cneas mín-gheal: caoin, solasmhar. Budh ghleóidhte leat éisteacht leis an mín-gháire a bhí aice: ceólmhar, fuaimneach. Is maith sláinteamhail í an mhín-ghaoth so aniar: caoin, cneasta, cumhra. Rinne sí mín-ghearradh ar an éadach gur lait é: ghearraidh in a lia áit é agus go mion. Ní cuirfear choidhche 'n-ár leith gur thugamair mín-ghéilleadh do Shasana: go rabhamair umhal, féicheamhanta dos na dlighthibh a luigh sí orainn. Budh thaithneamhach an radharc mín-ghlaise na talmhan ar an slios ar fad soir in árd an tráthnóna thiar: saidhbhir i nglaise. Chómh luath in Éirinn is fuair sé airgead dhein sé mín-ghlanadh ar a chuid fiach: d'íoc an uile phingin. Leigeas mín-ghlaodh air ar eagla na

heagla go gcloisfeadh éinne eile me is go mbeadh an phraiseach ar fuaid na mias: glaodh íseal, socair, réidh. Leagadh na háraistidhe feadh an úrláir chruaidh is deineadh mín-ghránlach díobh: blodhtacha beaga ar nós gráinidheacha gainimhe. Ní fhéadfá gan stad ag amharc ar a mín-ghruadhannaibh .i. gruadhanna líomhtha, córacha. Ní mór bheith an-aireach ar fad 'n-a dhéanamh san, ní neart ná stalcaireacht a oireas do ach mín-iarrachtaidhe: teangmháil éadtrom, chneasta, ghéilleamhail. Bhí gach aon rud chómh mín-inneallta san innte gur bh'iongadh leat connus chuir lámh duine lé chéile iad: fíneálta: leóchaileach. Cléireach mín-lághach seadh é a dhéanfadh a dhícheall chun gach éinne do shásamh: séimh chun labhartha leis is pras chun freastail. Tá sé mín-labhartha go maith, ní mar sin is indé, is é a bhí go garg tuaisceartach: cneasta 'n-a chainnt. Sara mbead-sa réidh leis sin déanfad mín-laoch de, dá mhéid meas atá aige air féin, déanfad san: claoidhfead é. Abair go raibh mín-leaba agam is gur chodlas go sámh innte: leabaidh sheascair. Tá mín-leadhb agat, tá san, ar mh'anam: teanga mhilis chun dul i gcóir do choda. Mhín-léirigh sé gach cruadhtan chómh soiléir sin gur thuig an té budh dhaille láithreach é: go mion, beacht. Fear mín-mhacánta gur bh'fhiú dhuit aithne do chur air: macánta, ionraic amach is amach. Lé seachtmhain anois tá mín-mhachtnamh déanta agam ar mo bheatha agus sé mo thuairm gurb olc atá sí caithte agam: scrúdughadh dlúth. Maoidhtí air gur aige a bhí an bhean budh mhín-mhaisighe sa chuigeadh: caoin 'n-a hiomchar is taithneamhach 'n-a clódh. Dearbhuighim duit, is ní h-aon mhí-mhóid í, go mbeidh anam an fhir sin orm fós: mionna gan éifeacht nó lé greann. Ní mór gur bh'fhiú dho a bhéal d'oscailt ar mo shon ar an mín-mholadh fuaireas uait: moladh ná raibh a chroidhe ann: mar bheadh i gcoinnibh a thola. Tugadh mín-mhúineadh uirthe sin nuair bhí sí óg is a rian uirthe indiugh, is í go bhfuil an gradam 'san meas ag dul dhi: tabhairt suas séimh galánta, deighbhéasach. A mín-muineáil seang: cneas-ghlan, taithneamhach. Ní maith liom na mín-osnaidhe a thairngeann tú: osnaidhe laga. Budh mhórdhálach í as a mín-phíb a bhí chómh seang lé píb eala: muineál áluinn. B'fhearr liom go mór thú do bheith níos mín-ráidhtighe 'ná bheith chómh goirgeach: cainnt níos síbhialta. Chúig oidhcheannta i ndiaidh a chéile do hionsaigheadh ón spéir an baile, gur deineadh a fhurmhór do mhín-réabadh: do leagadh go talamh. Ní leagadh ná barra-thuisle bainfear asat ar an mbealach mín-réidh atá rómhat: so-ghluaiste ar fad. Is deacair d'éinne locht d'fhagháil ar an mín-riar atá déanta air: riar nó roinnt chomhthrom. Ó tháinig sé chúcha ag obair tá mín-shaoghal aige ná scarfadh leis ar aon rud: saoghal breágh, bog. Bean mhín-sciamhach gur dheacair a sárughadh d'fhagháil: áluinn lé hamharc uirthe. Thug sé mín-shúil orm i lár na coda eile go léir go raibh seasamh 'n-a radharc dom: féachaint chneasta. Oileán trí mhíle ón mín-tír: mór-thír. Caithfead scaramhaint leis an mbuin gcéadna, mar ná mín-tálann sí, bíonn sí ag speachghail: ní thugann an bainne go cneasta. Baineadh clocha is gairbhthean as, gur deineadh mín-thalamh de: talamh réidh lé hoibriughadh. Ní raibh riamh sa tigh seo agam-sa ach mín-ughdarás, is beag rud d'fhéadfainn do dhéanamh: ughdarás lag. Dheineadar mín-úrlár rinnce .i. go raibh uachtar réidh, sleamhain air.

mín: *f. n-dh.* aon rud mín, réidh, sleamhain ar a uachtar; socrughadh. Glac an mín leis an ngarbh: tóg (gaibh lé) gach aon rud mar thiocfaidh ort. Déin-se liom-sa mín mín is déanfad-sa leat-sa garbh garbh: tabhair déanamh ar feabhas dom is tabharfadsa 'n-a chúiteamh ar a olcas .i. is cuma connus bhím-se leat-sa ach bí-se liom-sa go maith. Nách

breágh ná tógfá an mín choidhche ach an garbh .i. ná geóbhair nó ná déanfair an rud is fusa.

mí-nádúir: *b.3.* droich-mhianach, neamh-dhaonnacht, cruadhas, neamh-chineáltas. Lé mí-nádúir ní fheicfeadh san a chroidhe dá mbeadh ar a bhais aige!: ceal féile. Lé corp mí-nádúra ní bhfuaireas mar bhiadh ar feadh seachtmhaine ach arán is uisce: ceal mothálta daonnachta. D'eitigh sé me ar bheagán lé mí-nádúir: neamh-chneastacht. Is mí-nádúir do iompódh i gcoinnibh a athar féin: ní rud é dréir meóin cirt an duine. Leanbh mí-nádúra: ná déanfadh dréir mar is dual is dúthchas do leanbh.

mí-náire: *b.4.* ceal náire, módhamhlachta, séimhe, dánaidheacht, tighearnamhlacht. Nách air atá an mí-náire a cheann do chur i measc na ndaoine annso tar éis ar dhein sé ortha: gan aithreachas: gan a mhothúilt go bhfuil rud déanta go héagcórach aige. Fág fé é, loirgeóchadh sé aonnidh, cá ngeóbhadh an mí-náire: an t-easbhaidh mothála go bhfuil aon rud mí-mhodhamhail ná mí-iomchair dhá dhéanamh aige. An té go mbíonn an mí-náire ann leigeann sí dho aon nidh do dhéanamh: ceal na mothála san a chuireas in iúil dúinn nuair bhíonn rud mí-chuibheasach ghá dhéanamh againn nó a chorruigheas croidhe-bhrughadh ionainn.

mí-náireach: *a.* mí-mhodhamhail, gan náire, dána, tighearnamhail. Leig dom féin leis, is é is mí-náirighe a chonnac riamh, raghadh is loirgeóchadh gal tobac ar dhuine ná feacaidh sé riamh: gan suim ná nath rud do dhéanamh ná bíonn múineadh ná béasa leis. Gan chead gan cheileabhradh d'éirigh sé i láthair an chruinnighthe go mí-náireach agus d'órduigh soir siar iad: go dána, tighearnamhail: díreach mar bheadh cóir is ceart aige chuige.

mine: *b.4.* beag-adhbhar, luighead, bídeacht, bigeacht. Ní mór do fuairtheas ortha lé n-a mine: a luighead: ceal toirte. Gach dream dá dtiocfaidh ag dul i mine is i mbréagaighe (an chinidh daonna): i luighead: i mbige: gan oiread an fhrighe ag fanacht ionta. Níor thaithnigh a mine leis chun síl: an toirt bheag. Cuir na prátaidhe go bhfuil an mhine ionta i leathtaoibh agus cuir na prátaidhe reamhra ar an dteine: an toirt bheag. Lé mine na leitreach is an amhdhoircheacht ní fhéadfainn léigheamh in ao'chor ná aon dul air: a luighead: leitreach beaga gan aon mhéid. Na daoine a bhuail leis i lár na hAfraice cuireadar alltacht air lé n-a mine ní mór fara trí troighthe go leith ar aoirde do bhíodar: ceal méid is scrothaidheachta. Suidh, cad é an deabhadh atá ort is a mhine thagair chughainn: a annamhaighe. Mine na ndubhán ní maith san chun éisc gairbh: iad bheith níos lugha 'ná an ghnáth-thoirt. Bhíodar ag magadh is a chúis aca fé mhine ár bhfoirinne: an ceal aoirde is téagair. A mine fiacal ní fheaca ag duine riamh: a luighead toirte.

míne: (**míneacht**) *b.4.* réidhe, sleamhaine, buige, fusacht, caoine, cneastacht, síbhialtacht, líomhthacht, socracht, subháilceacht, géilleamhlacht. Cuimil do lámh den éadach san is braith a mhine, tá teadhal an tsíoda ann: gan gairbheacht, gan cnapán a brathfá ná a chídhfeá. B'fholláin dúinn a mhíne a bhí an fharraige ar an ualach trom a bhí sa bhád: gan corruighe tonn ar a huachtar .i. í ar nós na gloine. Míne an bhóthair tar éis innill na gcloch do bhrughadh tríd síos is tarradh do chur air: a uachtar sleamhain gan cnapán, gan poll. Ní deacair d'éinne, fiú amháin an leanbh, an capall san do thiomáint lé n-a mhíne: a shocracht is a chneastacht. Lé n-a neamh-míne ní fhanfadh caoire oileán

socair, gan bheith ag rith, in aon áit ar an mín-tír: cela tíoraidheachais: fiadhantas. Táid tagtha chun míne 'e bhreis air mar bhídís, táid síothchánta socair anois: cneastacht, séimhe. Molaim míne an fhir sin ar a luighead duadh is tá fachta aige d'iarraidh gach nidh do chur in eagar duit: síbhialtacht. Ní hé a luathacht ar fad gur cuma liom 'n-a thaobh ach a mhíne ghluaiseann sí fé iallait: líomhtacht is ceal suaineála. Is mór mar chuaidh sé i míne, b'é sin an diabhailín malluighthe tamall: i socracht: i gciúnas mianaigh. B'ait liom a mhíne ghlac sé an chainnt ghoirgeach do fuair sé: a chneastacht. Ní dhéanfadh sé aon díoghbháil duit beagán míne do chur ar an dteangain bhuirb sin agat: maolughadh: séimhiughadh. Míne an lín chun breac abhann is fearr: ceal gairbheacht: éadtruimeacht is líomhthacht. Anois lé míne na haimsire budh chóir go ngeóbhadh sé amach má tá aon tsaghas meisnigh in ao'chor aige: bréaghthacht is buige: ceal fiadhantais nó gairbheachta. Dá mbeinn ag cuimilt na tuagha san den liathbhróin choidhche ní dóigh liom go raghadh aon mhíne ar a béal, tá an fhaghairt imthighthe aiste. Tar éis duaidh an lae tá míne an uain ann: socracht, claoidhteacht. Buaileadh im aigne ar mhíne a fhéachtainte nár bh'aon droich-chré é: soilbhreacht, socracht is goirgeacht. A dhuine na míne: a dhuine chaoin.

míneacáiridhe: *b.4.* gliúmálaidhe, duine mall gan chall leis; ait-cháiréiseach. Chun aon tsaghas oibre ní bheadh in aon bhóthar leis an míneacáiridhe sin, caitheann sé an lá ghá mholadh so is ghá cháineadh siúd: duine ná tugann go cruinn fé n-a chúram. Míneacáiridhe siopadóra ná beadh freastaluighthe aige ar thriúr i rith an lae: útamálaidhe.

minic: *a. 7 do-bh.* breis-chéim mionca, minicighe, mórán am, turus, uain, gnáth. Is minic mo shiubhal ann: tugaim cuid mhaith thurus ann. "Beidh sé ar meisce má leanann de" – "is minic sin aige": téigheann sé ar meisce de ghnáth. Bíonn sé ag ithe go mion minic: béas aige é. Ní minic do chídhim é: go hannamh: foth-uair. "Ólaim do shláinte a mhinic a thig/ fé thuairm sláinte a mhinic nách dtig/ is truagh nách é minic nách dtig/ a thig chómh minic le minic a thig" (cailín ag ól sláinte beirte buachaillidhe go raibh éileamh aca uirthe): a dhuine a tháinig mórán uaireann. Cá mhinic a chaithfead labhairt leat?: an iomdha uair. "Is minic do bheir dall ar ghirrfhiadh" .i. thuit sé amach níos mó 'ná aon uair amháin, mar sin ná bí-se ag maoidheamh asat féin. Óir nách minic do bhuailimíd lé n-a chéile bíodh deoch againn .i. go hannamh. Is minicighe briste ná slán me: is iomadamhla na turais. "Tair go minic", deirtear lé duine lé linn imtheachta dho go mbíonn barr a thurusa aige. "Is minic sin agat, a mhic a' Choc", deirtear lé duine ciapuighthe a ghníos rud ait airís agus airís eile. Ní minicighe agam airgead 'ná uaim: is annamh do bhíonn agam nó má bhíonn ní mór an stuidéar do ghní sé agam. Tair go hannamh go tigh do cháirde is gheóbhair fáilte, tair go minic is gheobhair neádar: má dhéinir gnáth de theacht.

minicighe: (**minicidhe**) *b.4.* gnáthamhlacht, an rud céadna do thárlachtaint airís agus airís. Dá mhinicighe a gheibheann éinne airgead seadh is fearr leis é: dá mhéid uair. "Is mór an truagh nár leigeadh dom labhairt an uair úd" – "ní beag a mhinicighe a labhrair, tá na daoine bodhar agat": an iomad ar fad uair do labhrair. Is ait liom é sin a bheith ag dul im choinnibh is a mhinicighe déanta cheana agam é: an mhéid mhór uair. Ní maith leó a mhinicighe do thagaim ar cuaird chúcha: an iomad turus do thugaim ortha. Dá mhinicighe do fógradh air fanacht ó shnámh san áit sin níor bh'aon mhaith bheith leis: d'aindeóin fógradh do thabhairt do airís is airís.

mínighim: *b.a.* brughaim go mion, sleamhnuighim uachtar ruda, líomhuighim, slíogaim, bláthuighim, tlachtaim; ceannsóchaid, smachtóchad; réidhtighim; tugaim brigh lé, deinim soiléir, léirighim. Fan go mínighead gach rud i slighe is ná beidh aon bhaoghal go ndéanfair dearmhad: mionóchad: cuirfead gach rud i dtuigsint go soiléir. Mhínigheas gach aon rud chómh maith is d'fhéadas é, ach aon tuigsint ní raibh ag an gceann cipín air: gach deacracht is cruadhtan réidhtigheas iad. Cé mhíneóchaidh dom cad tá ar an mboghaisín mór san ar an ngealaigh: a inneósaidh. Tá faobhar ró-gharbh ar an rásúir, mínigh é: slíoguigh é: cuir é sa tslighe go mbeidh sé ionann, sleamhain, socair, slíogach. Míneóchaidh báisteach amháin an ghaoth mhór so: lagóchaidh. Sé an fear céadna go deo deo é, níl aon chómhacht fén spéir do mhíneóchadh é: smachtóchadh. Má mhínigheann aon nidh an capall fiadhain sin is í an bhéalbhach láidir sin í: chlaoidhfidh chun socracht é: a bhainfidh an fuadar fiadhain de. Go mínighidh Dia thu! nuair ná míneóchadh aon rud eile thu (mallacht) .i. go mbainidh sé an réim díot. Éirghe moch is obair chruaidh, dhá nidh a mhíneóchadh an té is tréine: a chlaoidhfeadh. Cuir cloch reatha ar an ithir is mínigh na cnapáin: brúigh iad: déin mionramh díobh. Téighidh go dtí Seán is míneochaidh sé dhíbh cad tá lé déanamh agaibh: inneósaidh a ghnóth féin in iomláin dos gach éinne. Mínigheann an saoghal is an aimsir an chuid is tréine againn: baineann sí an réim dínn. Ó bheith ag síor-shaothrughadh na háite mínigheadh é: deineadh talamh réidh do. An bás a mhíneóchaidh an barránach, ach an diabhal eile: a bhainfidh dá threóir é: a chuirfidh ar lár é.

mínightheóir: *b.3.* duine nó rud a mhínigheas, smachtuigheas, chlaoidheas. Níl aon mhínightheóir chómh tréan leis an mbás, árduigheann sé gach éinne leis: smachtuightheóir. Is mór an meisneach don mínightheóir ainmhidhthe fiadhaine dul isteach i gcás 'n-a measc: an té a chuireas ortha géilleadh dho.

ministir: *f. n-dh.* feadhmannach Dé; cléireach leis an eaglais ghallda. Táir chómh beathuighthe le ministir: ró-bheathuighthe, trom, murtluighthe. Tá saoghal ministir agat, sin é atá agat: árd-shaoghal: dóthain mhór lé n-ithe is lé n-ól is gan puinn lé déanamh.

mínighthe: *a.r.* smachtuighthe, claoidhte, ciúnuighthe, ceannsuighthe, léirighthe, slíogtha, sleamhnuighthe. Tá an bóthar mínighthe agat, is mór an siubhal atá déanta agat: taistealuighthe. Ná habair a thuilleadh, tá gach aon rud mínighthe agat dom ar mo thoil: léirighthe: foillsighthe ar chuma go dtuigim go glan cad tá it aigne. Dar liom go bhfuil an bhreóidhtheacht mínighthe beagán éigin, níl an oiread tinnis orm: maoluighthe, luigheaduighthe: curtha ar gcúl. Ní mór go gcloisfeá aon trácht anois air, cé gur mhór i mbéal na ndaoine tamall é, tá sé mínighthe ag an saoghal is ag an aimsir: bainte dá chleitidhibh. Aon mhilleán níl agam ort anois go bhfuil an scéal mínighthe agat dom: curtha go soiléir os mo chómhair. Uachtar an bhúird chómh mínighthe lé lic oidhir ag an bplána: slíogtha. Tá an lá mínighthe: tagtha anuas: ciúnuighthe 'e bhreis ar mar bhí.

míniughadh: *f.* (*-uighthe*) slíogadh, réidhteach, mion-bhrughadh; ceannsughadh, maolughadh, smachtughadh, léiriughadh, fuascailt. Ag míniughadh an chapaill chun ualaigh: ghá bhriseadh: ghá ionnramh. Ní maith an saghas mínighthe ar aon dúthaigh bheith ag déanamh géirleanamhna uirthe: smachtughadh. Ó cuireadh an cheiridhe leis an

gcneadh tá míniughadh mór dulta ar an dtinneas: maolughadh, lagughadh. Tá míniughadh mór ar an aimsir indiu seachas indé, grian ann, anaithe indé: teacht anuas: breághthughadh. D'iarraidh mise do mhíniughadh lé heagla!: do chlaoidheachtaint: do chur dos na beartaibh atá fúm. B'é an míniughadh a tháinig ar an scéal fada achrannach tar éis na dlighe is an chaibidil ar fad go raibh a chostaisidhe féin ar gach éinne: crích. D'iarraidh a mhíniughadh dhómh-sa cad budh cheart dom do dhéanamh: a chur 'n-a luighe orm. Connus d'imthigh an fhoireann as an luing i gciúnas ceart is cad thárlaidh dóibh 'n-a dhiaidh san níor tugadh aon mhíniughadh fós riamh air, cé gur iomdha tuairm do tugadh: réidhteach: cunntas soiléir do thabhairt. An caitheamh go léir is gan aon déanamh, is deacair a thuigsint, tá míniughadh na mbeart so lé teacht fós: fáth: aithris go dtuigfear as connus thárla. Níl sé eaglach dul ar farraige anois, tá míniughadh uirthe: ciúnughadh. Ar na cnocaibh do mhíniughadh dho ní bheadh sé sásta!: iad do leagadh anuas ar chóimhrian leis an dtalamh slinn .i. an rud nách féidir do shíor uaidh. Tabharfad míniughadh an chait ort: smachtughadh ná leigfeadh eagla dhuit cor do chur de láimh, de chois ná de theangain!

minnseach: *b.2.* gabhar baineann tar éis an chéad mhionáin. "Tá dhá ghabhairín buidhe agam is minnseach bhainne, minnsneach bhainne/ briseann siad mo chroidhe istigh ghá dtabhairt abhaile ghá dtabhairt abhaile/ níl áit agam go gcrudhfainn iad ach síos im hata, síos im hata/ is bíonn sé ag sileadh ar fuaid an bhaile, ar fuaid an bhaile" (duanaireacht leanbh).

mí-nós: *f.1.* droch-nós, nós malluighthe mí-nádúrdha. Mí-nós gránda bheith ag maoidheamh ar an bhfear thall i dtaobh an mhéid a bhíos aige: gnath-bhéas ná fuil taithneamhach. Is deacair duit éirghe as an oiread san toitínidhe sa ló ó thugais mar mhí-nós duit féin iad: nós nách maith: díoghbhálach. Tá sé sin de mhí-nós aige gan fáilte do chur roim éinne: nós gan béasa.

mí-nósach: *a.* neambéasamhail; neamh-shíbhialta, mí-chuibheasach. Nár mhí-nósach an rud aige a bhróga do chaitheamh de i gcarbad traonach a bhí lán de dhaoinibh is malairt stocaidhe do chur air féin: mí-chuibheasach: dul thar cailc ar fad maidir lé béasaibh. "Ní fheadar" nó "is cuma liom" do rádh mar fhreagra ar éinne is mí-nósach ar fad: neamh-shíbhialta.

mín-tír: *b.5.* an talamh mór i gcómhnáird lé hoileán beag; talamh slinn réidh iontsaothruighthe. Beir na caoire ós na sléibhtibh ar an mín-tír, anuas faid bheidh na huain óg: an talamh glas, slinn. Beidh tamall ann sara dtiocfaidh na hoileánaigh ar an mín-tír táid síon-teanntuighthe: ar an dtalamh fada fairsing. Níor thaithnigh riamh muinntir an mhín-tíorach lé muinntir oileáin: daoine a chómhnuigheas ar an dtalamh amuigh.

mín-tíreach: *f.1.* talamh glas iontsaothruighthe. Is milis leis an gcaoire féar an mhín-tírigh i dtúis bliadhna, agus is deacair é do chosaint uirthe: féar na talmhan ísle.

miochair: *a.* muinnteardha, cneasta, míonla, grádhmhar, so-labhartha. Labhair sé go miochair liom go deimhin, agus má eitigh sé féin me is de a chuaidh: cneasta,

muinnteardha. Beidh fáilte mhiochair rómhat sa tigh seo aon am a thiocfair ar ár dtriall: grádhmhar. Duine miochair seadh é agus ná bíodh aon dochma ort dul fé n-a dhein chun cainnte leis ar pé nidh atá uait: so-labhartha: so-shroichte, lán-shíbhialta.

miochaire(acht): *b.4.* 7 *b.3.* so-labhracht, muinnteardhas, cneastacht, míonlacht. Labhair sé linn agus ní lé n-a mhiochaireacht é mar nách caoin ná cneasta é: síbhialtacht. Riamh ní bhfuaireas ón nduine céadna san ach miochaireacht ná fiafróchadh na cómharsain is connus mar bhí aca: muinnteardhas. Is beag dá cuid miochaireachta thug an bhanaltra dom chois thinn, ach stathadh thall sabhfus: cneastacht.

míodh: *b.3.* (*meadha*) deoch mhearbhaill as mhil ghéaruighthe is uisce. Ná bí ag cainnt ar bhruighin, a dhuine, riamh ní bhfuaireas amharc ar a leithéid, do bhí sé "n-a chath meadha" eatartha: mar bheadh cath de dhruim iomad póite.

míog: *f.1.* 7 *3.* éigheamh an philibín (míg), an ghabhairín reádha etc., néal bheag codlata, meang-gháire. Dhúisigh míog an philibín ar ádh-mhaidin me: an t-éigheamh uaigneach atá aige. Na bíodh míog asat: aon tsaghas glóir. Míog níor thuit i rith na hoidhche orm ag glisiam luch is franncach: néal. Thug sé míog uirthe ghá chur i dtuigsint di go raibh an tslaid aige: féachaint chliste.

míogach: *a.* éighmheach, sméideach (súl). Tá rud éigin ar bun eadraibh, táir-se ró-mhíogach ar fad léd shúilibh: sméideach: ag déanamh cómharthaidhthe leó. Táir chómh míogach lé bunóic i gcliabhán: oiread guil is gearáin. Ní fada uait anois bheith id mheig tá an ceann an-throm, an-mhíogach: "ag grúntaíl" chodlata.

míogach: *f.1.* cladhaire. "Seachain an té ná labhrann breis, is samhail do bheith 'n-a mhíogach": 'n-a chladhaire chiúin ag faire a chaoi.

míogaireacht: *b.3.* meang-gháire, fáth-gháire. Cad fé an mhíogaireacht so? ní thaithnigheann do ghné liom: an fáth-gháire magamhail seo. An mhíogaireacht a bhíonn uirthe lé tóirtéis chuirfeadh sí ag aiseag thu: na cumaidhe chuireann sí ar fháitheannaibh a béil: breall.

míogarnach: *b.2.* néalfartach, múisiúm, grogghail, diúdarnaghail. Tabhair dhó nó trí dheochaibh do, is sin é ag míogarnaigh é: ag srúmatáil chodlata: ag tuiteam dá chodladh go hobann 'sag dúiseacht airís. Aimsir mheirbh, bháistighe tagann míogarnach orm gan aon mhoill: bím ag tuiteam dem chodladh dem aindeóin.

míol: *f.1.* feichide beag snámhcánach a chiapas croiceann is gruaig an duine agus ainmhidhthe; beithidheach, ainmhidhe leamhan. Go n-ithidh na míola críonna thu maran ort atá an tochas: leamhain adhmaid. Tá iasc sa pholl san chómh tiugh leis na míolaibh corra: corr-mhíola: na mion-chuileanna a chídhfeá roim bháistigh: bíd an-iomadamhail. Is geall lé míol sidhe é bheadh sé annso anois agus na mílte ó bhaile i gceann uair an chluig: ainmhidhe fé dhraoidheacht. An míol sidhe ní choimeádfadh solas do: ainmhidhe a bheadh fé dhraoidheacht na siabhraidhe. Tá toirt an mhíl mhóir ag teacht ionat .i. an éisc is mó beó. Is geall lé míol mór thu ag ionfartaigh: aindeis, útamálta. Fan amach uaim, tá

míola ionat!: salach i gcneas. Táir ithte ges na míolaibh: ró-shalach. Chómh luath leis an míol muighe: an girrfhiadh mór lán-mhear. Tiocfaidh míola annsan ann, ná bainfeá áis éigin as: lobhfaidh sé ann. Táim an fhaid sin fén dtuaith gan turus do thabhairt i gcathair go bhfuil míola ag teacht ionam: stáluighthe. Níl oiread míl ann!: an-bheag. Baile na míol!: gan aon mhaith. A rud na míol, fág mo radharc!: go ndéanfá sprionnlaitheacht mar í: suarachán: duine táir nár cheart a choidreamh.

míolach: *a.* go míolaibh, táir, suarach. A rud mhíolaigh, níor cheart d'éinne bheith in aon bhóthar leat ní bhíonn focal maith agat do neach: táir. Saileóchaidh an gadhar míolach san an tigh, gach aon scread aige ghá thochas féin: atá tuillte lé míolaibh. Ná déin chómh míolach san ar chómharsain é is go n-iadhfá do shúile air: lán-sprionnlaithe. Nách é an ruidín míolach é, féach an crot atá air is mar chroitheann sé é féin: ruidín salach.

míolaire: *f.4.* duine táir, salach. Míolaire diabhail ná faghfá focal den gcainnt uatha: suarachán. Fág na míolairidhe sin leó féin, cathain a chonnaic Dia ná duine oireamhnach do chuideachtain éinne iad: rudaidhe gan múscailt croidhe ná éirim ionta: cníopairidhe suaracha a chaithfeadh a saoghal ag cnáimhseán.

mí-ómós: *f.1.* neamh-urraim, dí-umhlaidheacht, mí-mheas. Breithnigh, a mhic, i dtúis t'óige gan mí-ómós do thabhairt don aois, it thráth féin seadh bhrathfair an chiall: ceal measa. Dá gcloisfeá an chlann san ag tabhairt teallaireachta dá máthair seadh bheadh a fhios agat cad é an rud mí-ómós: ceal urraime. Mí-ómós Ádhamh is Éabha i ngáirdín Pharrathais: easumhlaidheacht don Tighearna.

mí-ómósach: *a.* eas-urramach, eas-umhal, droich-mheastamhail. Á, is mí-ómósach an leanbh thu ná deineann rud ar do mháthair bhocht: gan mheas uirthe: mí-umhal di. Cad is mí-ómósaighe 'ná gan clann do bheith umhal dá muinntir: is mó ceal measa: gan a ndualgas do chóimhlíonadh dhóibh, mar bhíonn ceangailte ortha.

mion: *a.* beag, gan toirt, bídeach, brúighte go mín, ar aiste plúir nó mine; sprionnlaithe, suarach; ina chodaibh beaga. "Nách mion an aicme iad", ars an fear nuair chonnaic sé cnocán mór éisc is gach ceann an-bheag. Tair go mion minic: déin taithighe de theacht gan aitreamh fada do bheith idir gach aon dá chuaird. Prátaidhe miona: creathain: i bhfad níos lugha ná an ghnáth-thoirt. Tóg mion is mór a bhfuil ann: bídis agat is cuma cá toirt. Chuarduigheas go mion é ach má dheineas níor éirigh liom a fhagháil: ina lia áit. Mhínigh sé go mion gach ponnc chun ná beadh aon amhras ar éinne i dtaobh an nidh a bhí ar siubhal aige: go haireach, scrúduightheach, doimhin, sonnradhach. Léd thoil an bhféadfá airgead mion do thabhairt dom ar phúnt: briseadh: airgead nó buinn ísle do thabhairt mar mhalairt ar airgead níos aoirde. Ná gearruigh mion an t-arán: ina chodaibh beaga. Ná bí chómh mion féd roinnt: sprionnlaithe. Nách gleóidhte, mion na fiacla atá aice: beag, córach. Ná bí mion lé héinne mar gheall ar shuarachas: sprionnlaithe.

mion-: *i gcfbh.* beag, gleóidhte, bídeach, plúrach, minic, mín. Féach an bhfuil aon mhion-airgead ar thóin do phóca agat, ná bí ag briseadh an bhille chúig bpúnt so: airgead beag mar scillingidhe, etc. Nuair bhíomair ag aistriughadh d'fhágamair mórán mion-áirnéise 'n-ár ndiaidh, budh mhór linn ar thurus chómh fada iad: earraidhe beaga gan puinn

tábhachta. Caith an mion-arán san chun na gcearc, ní héinne a íosfadh bhur ndiaidh é, tá sé laitighthe agaibh: brúscar. I rith mo shaoghail ní fheaca éinne dob fhearr chun mion-aithrise do dhéanamh ar dhuine 'ná é .i. gur dhóigh leat gur bh'é 'n-a crutaon é leis na gothaidhibh is na geáitsidhibh céadna. Níl agam ach mion-aithne san áit úd, is beag duine gurb eól dom a ainm: aithne bheag, neamh-fhairsing. Mhilleadar me lé mion-áiteamh, aon rud a thiocfadh anuas bheidís sáidhte chun a chéile: áiteamh gan puinn cúise. Budh mhaith liom-sa mion-áiteamh do dhéanamh ar an gcogadh so leat ó tá an t-eólas go léir agat dar leat .i. é go léir do shuathadh is do chriathairt ó thóin ceann. Éist-se, pé duine go bhfuil cead cainnte aige ní agat-sa ná fuil ach id mhion-aois: fé bhun aois fir. Mion-bhailte seadh a bhfurmhór ar an dtaobh amuigh des na cathrachaibh: bailte beaga. Mhion-bhailigh sé a raibh d'fhuighleach lé fagháil: bhailigh gach aon phioc. Nár mhór an mion-bhailiughadh dhein sé nár fhág sé ceart ná snáthad sa cheanntar: bailiughadh cruinn, baileach. Beir leat go bhfliuchfadh mion-bháisteach thú chómh maith lé clagarnaigh nuair bheifeá tamall fúithe: báisteach 'n-a braonaidheachaibh éadtroma. Ní raibh aon deabhadh orainn, ní rabhamair ach ag mion-bhasghal rámhaidheachta: go mall, socair gan duadh. Deineann sé mion-bhearta anois is airís ach ní fiú maoidheamh asta: bearta ná comharthóchadh duine lé n-a bhfeabhas ná a bhféile. Ins an áit sin díreach fé bhun an easna tá mion-bhrath dhá déanamh agam ar thinneas lé fada: braithim anois is airís é go lag. Bí bheith d'iarraidh é do chur lé n-a chéile anois nuair tá sé 'n-a mion-bhrúin agat: smiodairínidhe. Cuireadh amugha me leis an mion-chainnt a bhí ar siubhal im thímcheall, gach éinne is a theanga ag gluaiseacht: cainnt íseal is mór-chuid di. Ná cuir aon nath i mion-chainnt na ndaoine; gheóbhaidh sé laistiar síos díot: suainseán suarach. Ní bheadh sé ar mo chumas tuairm cheart do thabhairt air mar ná fuil agam air ach mion-choidreamh: aitheantas beag. Ní mór ar fad an trácht do dhéinim an dtacaid seo 'e bhliadhain, bím sásta lé mion-cheannaidheacht: i gcodaibh beaga is ar aitreamhaibh fada. Nách ort atá na mion-cheisteanna liom, ní fhreagróchad a thuilleadh aca: mórán díobh. Mion-chíor .i. go mbíonn fiacla beaga dlúth lé chéile innte. Ní maith iad na mion-cheathanna san adtuaidh is baoghalach go nglasóchaidh an oidhche leó. Níl sé cliste, cé go bhfuil mion-chleasa aige: cleasa neamh-thábhachtacha. Falla gan aon éifeacht é sin, tógtha lé mion-chlochaibh: clocha i bhfad níos lugha 'ná gnáthchlocha tógála. Níor thugas liom im chluasaibh i gceart é, níor dheineas air ach mion-chlos: clos go raibh cruisteach air. Déin mion-chnuasach ar an uile rud anois: go cruinn gasta. D'éirigh mion-chnapáin mhaithe fharraige leis an ngaoith: tonnta a bhí cuibheasach reamhar. Fuair an fheóil mion-chogaint má dhein cíor dhaingean fhiacal é: briseadh i mblúiridheachaibh beaga. Cad tá ar siubhal aige? nó cad í an mhion-chogaint atá air?: cnáimhseán ós íseal. Gach uair go bhfaghadh cao air dheineadh sé mion-choimeád ar airgead: bailigheadh chuige beagán gach uair. Ar mo dhícheall dom ag déanamh mion-chómharthaidhe féachaint an dtabharfadh sé fé ndeara me i ngan fhios don gcuid eile: laga: beaga: doiléire. Ní raibh os chómhair an ghiúistís ach mion-chúiseanna nár bh'fhiú bheith ag éisteacht leó: cúiseanna neamh-thábhachtacha. An oiread san mion-chunntaisidhe lé díol agam nár mhór dom pócaidhe airgid: fiacha beaga thall sabhfus. Is deacair aon nidh do chur ar a iontaoibh, deineann sé mórán mion-dearmhad: ceannaidheacha suaracha. Caith uaim na mion-daoine, ná tairng chugham in ao'chor iad, cathain bhí meas madra ag éinne ortha san?: na gnáth-dhaoine: iad so gan tábhacht trí cheal saidhbhris nó céime. Bhíodar ag bailiughadh isteach 'n-a mion-dreamannaibh gur líon an tigh díobh: scataidhe beaga, tiugha. Eadrainn féin, cad é an mhaith dhom tabhairt fé rud is gan agam air ach mion-

eolas: breac-eolas. Mion-éan seadh an guardal, níos mó ’ná gealbhan: éan beag. Díoladh a raibh d’ainmhidhthibh móra, reamhra ar an bhfeirm, níl anois uirthe ach mion-eallach: beithidhigh bheaga, óga. An geárrcach ag mion-eiteallaigh d’iarraidh léimeadh: ag éirghe san aer tamaillín ’sag tuiteam airís. Nuair chonnac an namhaid ag bailiughadh im thímcheall ’sag fáscadh isteach orm do thosnuigh mo chroidhe ag mion-eiteallaigh: ag preabarnaigh go tiugh, tapaidh. Thaithnigh na nidhthe suaithinseacha ar chuma leis an bhfear tuaithe gur chaith sé seal ghá mion-fhéachaint: ghá scrúdughadh go géar is go fada. Toisc an spalla triomaigh atá ann ar feadh an earraigh níl in aon áit ach mion-fhéar: féirín gearra. Nách é an mion-fhás é! An bhfuil sé na cheithre troighthe: fás beag, meathluighthe. Rachfaidh an mhion-fhearthainn seo go maith don gcuardóireacht: báisteach éadtrom. Stadas nuair chonnac go raibh mion-fhiúnach ag teacht air óm chuid cainnte: tosnughadh feirge. A mhalairt de thaithighe acht an bhochtanacht ní raibh agam mar b’é an mion-fhlaitheas mo chuid-se riamh: sealbhas beag. Leis an siubhal do bhí fén gcapall treasna na ngort do bhí mion-fhóid dhá chur san aer aige: scailpeacha beaga d’uachtar na talmhan. Cortha, traochta ó bheith ag mion-fhreastal ar gach éinne sa tigh: ag friotháilt ortha go cúramach. Ní raibh ann ach mion-ghadaidhe, cad thógadh sé ach rudaidhe beaga, suaracha seachas a thuilleadh: gadaidhe sprionnlaithe. Gearradh dhá mhí príosúin air lé mion-ghadaidheacht: tógáil rud beag, saor, gan tábhacht. Dhein sé an stéig mhór mhairt do mhion-ghearradh agus liathróididhe lé beirbhiughadh do dhéanamh de: do ghearradh ’n-a chodaibh bídeacha. Chun an bhóthair sin do bheith réidh ’n-a cheart níor mhór do mion-ghairbhéal do leathadh air: cloichínidhe beaga. Mion-gheallanna do chuirim ar chapaillibh, níor mhaith liom airgead trom do chur ortha: fíor-bheagán tacaidheachta. Mara mbeadh oiread mion-ghnóthaidhe do bheith ar siubhal agam d’fhreastlóchainn ort: gnóthaidhe beaga thall sabhfus. Bíonn truagh agam don mhadra béil dorais is tugaim mion-ghreamanna dho: blúiridheacha fuara, fáin. Ní bhfuairtheas puinn air, mion-iasc dob eadh é .i. ná raibh mór ná toirteamhail. A leithéid de thnúthadóir níl sa chúigeadh, i gcómhnaidhe ag mion-iarraidh: ag lorg rud éigin, is go minic. Thug sé mion-iarrachtaidhe ar leabhar do scríobh ach níor éirigh leis: thug sé fé go lag, go minic. Is minic sin mion-léirighthe dhom go dtuigfeadh éinne é ach ceann cipín: go lán-shoiléir. Mhaoidheadh sé go raibh na filidhe go léir mion-léighte aige: léighte ó thóin ceann: gan pioc dá saothar fágtha ’n-a dhiaidh aige. Mion-láimhseáil a bhí agam-sa san airgead, ní bheadh aon chunntas agam air cá ngeóbhadh sé: fíor-bheagán bainte. Má leanann cruadhtan an chogaidh air beidh na daoine ar mhion-lón: ar bheagán bídh. Ní raghadh an cnaipe isteach innte, mion-lúb seadh í: ceann cumhang. Tháinig cladhaire beag éigin ag mion-mhanntghail ar an gcáca: ag ithe blúire beag annso is annsúd as. Laiteann a mion-mhéireannta í, ar gach slighe eile is breágh an bhean í: méireannta ró-ghearra, ró-bheag. Ní ghoirtighir in ao’chor me, níl agam ort ach mion-mhothughadh: móthailt lag, éadtrom. Tá mórán mion-namhaideanna agat ar fuaid an bhaile ná cuireann iad féin in iúil in ao’chor: raispínidhe eaglacha atá ar tí do dhíoghbhála. Mion-nidhthe lé déanamh fós fén sráid agam sarar féidir liom gluaiseacht abhaile: rudaidhe beaga lé ceannach agus mar sin de. Níor fhágas oiread agus giobal sa tigh gan mion-nigheachán: do nighe go maith agus go cúramach. Bíonn an iomad mion-órduighthe aige dhá thabhairt uaidh agus griogann sé na daoine: síor-órdughadh ar an rud is lugha in ao’chor. Cuir uaim do mhion-órduighthe agus dein féin rud éigin: iomad órduighthe suaracha. Níl agat fé láthair ach mion-ócáid feirge, ní fiú dhuit do ghuth d’árdach: ócáid shuarach, fáth an-bheag. An gcreidfeá dá ghiorracht ó itheas go bhfuil mion-ocras ag teacht orm: túis ocrais: an goile ghá chur féin

in iúil. Cuirtear mion-oibreacha ar siubhal ann sa gheimhreadh: oibreacha ná tógann puinn aimsire. Mion-oidhcheannta thagann sé: oidhche anois is oidhche airís. Ní maith dho é, tá mórán mion-ósbairtidhe éirighthe dho lé déidheannaighe: macháilidhe go mion, minic ná bíonn ró-mhór. A bhuidhe lé Dia gur mion-pháirt do bhí agam 'n-a gcúrsaidhibh: nách mór an bhaint do bhí agam leó. Lem olcas níor tugadh dom sa chluiche ach mion-pháirt: neamh-thábhachtach. Má fhéadaim-se é ní bheidh eadrainn ach mion-pháirtidheacht mar nách mór í mo mhuinghin asat: conbharsáid ghnótha fhíor-bheag. Beir ag mion-phriocadh orm anois go gcuirfir fearg throm orm: ghom ghreogadh go minic. Caith chugham na mion-phíosaidhe airgid sin teastuigheann mion-airgead uaim: buinn, mar scilling, réal etc. Cad thárla dod hata a chuir na mion-phuill go léir ann: puill an-bheaga is iad go flúirseach. Mion-phuill criathair. Is é an truagh gurb annamh do gheibheann na bochtáin cao ar mhion-phúnt do dhéanamh: foth-phúnt: corr-phúnt. Bádhfaidh an bád san sibh tá sí mion-phollta: mórán poll beag innte. Lá chómh brothallach is tháinig as an spéir riamh gan ann ach mion-phuth gaoithe: corruighe beag éadtrom annamh. Mion-rath ort, is tú d'fhág go dealbh me: beag-ádh. Chaitheas oiread aimsire ag gabháil de go raibh sé mion-réidhtighthe agam agus nár bh'fhiú é: léirighthe ar fad: pé achrann a bhí air bainte as. Idir mór-righthe is mion-righthe táid go léir scuabtha chun siubhail nách mór: righthe árda agus righthe suaracha. Ar an méid bheag d'fhan fuighleach níl aon bhaoghal ná gur tugadh mion-riar ar an mbiadh: gur riaradh go fairsing agus 'n-a chodaibh beaga é. Níor mhór é cion éinne sa deireadh, deineadh an iomad mion-roinnte air: an iomad cuid de. Talamh ró-mhion-roinnte seadh é, an iomad tríontaidhthe air: an iomad cuid bheag déanta dhe: fagháltaisidhe suaracha. Stiall an ólaidhe an bád i gcoinnibh na carraige agus dhein mion-rabh di: blodhtacha beaga. Pé cúis atá ag t'athair ort déanfaidh sé mion-ruainnidheacha dhíot .i. stracfaidh sé as a chéile thu. Ar an dtráigh fuaireas mion-ruainnidheacha adhmaid mar bheadh plannc báid: giotaidhe beaga. Mion-shaghas síl prátaidhe nár thaithnigh liom: sórt beag. Dá gcaithinn mo shaoghal san arm ní bheadh ionam ach mion-shaighdiúir: saighdiúir singil. Caitheann sé a shaoghal ag mion-shaothrughadh, budh dhóigh leat gur ag dul a chodladh 'n-a throscadh bheadh sé: ag saothrughadh go dícheallach. Do mhion-scaoil an amhailt an líon ó n-a théid: níor fágadh pioc de ceangailte dhi. Is é fear mion-scéal(ta) is mó annso é, théigheadh sé thar paróiste lá is budh dóigh leat go mbeadh na bliadhanta caithte tar lear aige: scéalta ag trácht ar mhórán nidh. Leabhar mion-scéalta: ceannaidheacha gearra, beaga. Thugamair an oidhche ag mion-scéalaidheacht ag meilt na haimsire: scéalta is eachtraidhthe inspéise ar siubhal againn. Nách gránda, mí-bhéasamhail an mion-sceanach atá tugtha ar an mbiadh agaibh, budh dhóigh lé duine gur muca sibh: é briste brúighte. Ná creid focal uaidh níor bh'aon caduaic leis an lá do thabhairt ag mion-scilligeadh: ag innsint 'sag cumadh rudaidhe nách fíor. B'ait liom cad aige go raibh an mhion-screadghail an dtacaid sin d'oidhche in áit chómh hiargcúlta leis: scréachach bheag, íseal, mhinic. Tháinig mion-scrábhadh báistighe a dhein árd-mhaitheas don dtalamh a bhí 'n-a balc lé triomach: cioth éadtrom. Bíonn cuid dá shaothar chómh mion-scríobhtha san nár mhór duit gloinidhe chun a dhéanta amach: na leitreacha cúmtha chómh beag san. Dheineadar an oiread san mion-screasa ar an gcathair nách mó: sráid go raibh tigh slán ann: creach bheacht, fhóirleathanadamhail. Nuair chídhfeá ag mion-scrúdughadh na láimhe tinne é budh dhóigh leat ar an bpotanálaidhe gur aige bhí eolas Dhochtúir Chrump: an cuardach 'san breithniughadh cruinn mar dheadh. Mion-scrúduigh do chogubhas anois is beidh a fhios agat cad iad na peacaidhe atá ar t'anam bocht: cuarduigh

is dearc go cruinn, beacht, dlúth. Sid é an duine ceart agam duit go bhfuil mion-sheanchas na háite ar fad aige: go cruinn baileach. Ní ceart bheith gearánach, níl aon tigh go ndeaghamair ann ná go bhfuaireamair mion-shíntiús: síntiús éigin dá luighead é. B'ait mara mbeadh aithne is eolas agam ar an áit is a mhinicighe atá sé mion-shiubhalta agam: siubhalta 'n-a throighthibh. Líon croidhe an fhalla de (lé) mion-spallaidhibh: leacacha beaga, tanaidhe. Ní mór leis duit é ar feadh tamaill, níl aige ann ach mion-spéis: suim bheag. Fuair an mada ruadh mion-stolladh ón gconairt: stracadar as a chéile é. Níor deineadh ach mion-tagairt don gcúrsa ar an gcruinniughadh, focal nó dhó, is é do chur ar athlá: trácht bheag. Níor bhrisis do chroidhe in aon chor leis an méid do thugais uait, nách mion-taidhbhseach a bhís leis: gan mórán toirte id bhronntanas. Níl againn ach mion-téarma ar scoil as so go Nodlaig: téarma gearra. Ní maith an rud don té a bhíos 'n-a cómhgar bheith ag mion-teangmháil leis an ndigh: ag baint léi go minic. Budh dheas léd chroidhe bheith ag amharc ar na mion-tonnaibh ag bualadh 'sag leaghadh ar an dtráigh: éadtroma, ísle, malla. Cuala an mion-tuairt bróg ag gabháil tímcheall an tighe is b'ait liom cé bheadh ann chómh déidheannach san san oidhche: glór éadtrom, minic. Bíonn sé ag mion-thuilleamh tímcheall an cheanntair nuair gheibheann sé an chao: ag déanamh beart beag anois is airís a bhéarfadh pingnidhe air. Áit fhiadhain, gharbh ná tagann air ach mion-uain chun calathóireachta: aitreamh, anois is airís. Mion-ubhla seadh iad gur ghoill an droichbhliadhain ortha: meathluighthe, suaracha. Mion-úghdar éigin é nár chuala trácht riamh air, cad scrígh sé?: gan tábhacht. Thosnuigheadar lé mion-urchair ach níor bh'fhada ná go raibh crústach thaithigeach aca: urchair gan toirt. Árduigh leat ar feadh tamaill é, ní bheidh sé ag teastáil ar feadh tamaill, ní baintear as ach mion-úsáid: úsáid annamh. Mion-urraidheacht seadh í tímcheall is deich bpúint, glacfar leat sa bhannc: beag, íseal.

mion: *f.3.* rud beag nó suarach. Glac an mion maidir leis an ngarbh: tóg suarach agus toirteamhail iad.

mionaidheacht: *b.3.* luighead, neamh-thoirteamhlacht, suainseán, dí-mholadh, tromaidheacht, ithiomradh. Ag dul i mionaidheacht atá an t-iasc: i luighead. Bítear ag mionaidheacht orm laistiar dem dhrom agus ní cóir ná comhthrom ar dhuine iasachta é: suainseán: d'iarraidh masla do thabhairt dom chlú. Ní haon mhaith bheith ag mionaidheacht air ar a chuid saothair, deineann sé obair ealadhanta: lochtughadh. Dá mbeití ag mionaidheacht go ceann bliadhna air sé an meas céadna do bheadh ges na daoinibh air: ag leathadh ráflaidhe chun díthe a ainme.

mioncughadh: *f.* (*-uighthe*) do dhéanamh go minic. Ag mioncughadh na ndearmhad ná taithnigheann leó so go bhfuil sé ag obair aca: ghá ndéanamh go ró-mhinic.

mioncuighim: *b.a.* déinim go minic, aithrisim. Mhioncuigh sé a thurusa ar an dtigh nuair chonnaic sé go raibh fáilte roimis: tháinig sé níos minicighe.

miongán: *f.1.* éiscín sliogánach inithe, ar nós silimide na talmhan. Raghadh sé isteach i bpoll miongáin uait .i. le heagla. "Cá raghaidh an mhuir", d'fhiafruigh an garsún dá athair, "lá dheiridh an tsaoghail?" – "isteach i bpoll meangáin" ars an t-athair .i. sheirgeóchadh sí chómh mór san. Miongán dubh, bán. "Bidh righe ruacain, biadh tuatha

(bacaigh) báirnigh, biadh caillighe miongáin, is í ghá bpriocadh lé snáthaid". Níor fhan oiread miongáin innte leis an aois: chuaidh i luighead go mór. D'iarraidh uisce na farraige do chur isteach i bpoll meangáin duit, cad raghadh sí?: an-sheirgthe ar fad.

míonla: *a.n-dh.* caoin, cneasta, sochma. Ní hi gcómhnaidhe do bhíonn sí sin míonla, b'fhiú dhuit strán d'fheicsint uirthe: cneasta. Fear chómh míonla is go ndeaghais riamh ag cainnt leis: sochma, so-chainnteach. Béasa míonla: béasa taithneamhacha.

míonla: *b.4.* óigbhean shoilbhir. Cá bhfuil míonla an tighe seo: óigbhean shochma.

míonlach: *f.1.* leirg ghlas thalmhan. Is milis leis na caoiribh do bheith ar an míonlach. Ná géill do shléibhtibh ná do mhíonlach: d'aon rud.

míonlacht: *b.3.* míne iomchair, sochmacht aigne; cneastacht, caoineacht. Do mhnaoi is ní d'fhear is dual míonlacht: bheith séimh in iomchar si ngníomh. Ar feadh na mbliadhanta lé n-a míonlacht do bhruic sí lé gach saghas tarcuisne ón ropaire fir a bhí aice: sochmacht. Ní mór an mhíonlacht atá fachta againn ó thángamair annso ach ithe is gearradh: cneastacht chainnte.

mionn: *f.3.* móid, dearbhadh, leabhar, mallacht. Ag raide mhionn dar léi go bhfuil gach éinne i mullach an chinn uirthe: ag mallachtughadh go fiadhain, láidir. Scannróchadh sí thu ag tabhairt mionna móra: ag eascuinghe go trom. An lá san bhíos chómh déistineach dá chuideachtain gur thugas mionn ná beinn 'n-a choidreamh choidhche airís: dhearbhuigheas. Thug an bheirt againn mionn rúin i lár na hoidhche fé scáth an tseanchaisleáin gan an bheart a bhí déanta againn do leigeant choidhche thar ár mbéal: leabhar nó dearbhadh idir an mbeirt againn amháin. Thug sé a mhionn béil nár bhrostuigh sé é chun na cora .i. dubhairt rud éigin mar " ar mh'anam", "nár fheicead Dia", nó "marbh go rabhad", nó cainnt láidir eile mar í sin. Dá dtabharfá do mhionna dom ann ní chreidfinn thu go mbeifeá cionntach 'n-a leithéid: do mhóid: do leabhar. Cuireadh chun mo mhionna me: chaitheas dearbhadh ar an mbíobla. D'innis sé dóibh tríd is tríd fé bhrigh na mionna connus mar thárla: ar neart a fhocail dearbhtha. Tá na mionna ar an athair gan é do leigeant thar tairsing an dorais choidhche airís: thug sé an leabhar: dhearbhuigh sé go láidir. Mionna na hinneónach .i. chuireadh gach buille i gcuimhne do ghaibhnibh áirighthe gur marbhuigheadh a ndreatháir go mbeadh cúiteamh aca as. "Tar éis na mionna seadh is fearr na mná": tar éis a dhearbhadh go ndéanfaidís so súd leat nuair mhaoluighid is móide a gcion ar dhuine. Dá mbeinn ar mo mhionnaibh sid í an fhírinne: dá mbeinn ag tógaint Dé mar fhíné ar fhírinne mo ráidhte.

mionnrach: *b.2.* brúscar, blodhtacha, roilleach, trufais, díogha daoine nó aon ruda. Caith an mionnrach san go dtí an madra, ní íosfadh éinne bhur ndiaidh é ar an gclódh atá agaibh air: fuighleach. Níl faic sa ghort anois idir thornap ná ghabáiste ach an mhionnrach: an roilleach: an fuighleach gan mhaith. Thuiteadar as mo láimh ar an úrlár is deineadh mionnrach díobh: mion-bhrúin: ciolaracha miona. Thugais leat dos na hoiniúnaibh a raibh go maith ortha, is níor fhágais id dhiaidh ach an mhionnrach: díg. Tamall de bhliadhantaibh ó shoin is dócha gurb í bláth ár gcinidh a théigheadh tar lear is gurbh í an mhionnrach a fhanadh ag baile.

mionnughadh: *f.* (*-uighthe*) dearbhadh, leabharughadh, móidiughadh. Ag mionnughadh dhom ar a chroidhe díchill, agus gan focal dá chreideamhaint agam uaidh, go mbeadh sé ar mo thaoibh: ghá dhearbhadh i bhfochair ainm Dé nó ar chuma éigin láidir eile. Ar an mionnughadh dian do deineadh air shaoileas ná tiocfadh sé leath chómh saor as: ar an bhfínéacht do tugadh agus Dia tógtha mar fhíné léi. Ó dhubh dubh ní stadann an baidhléar mná san ach ag mionnughadh orm pé adhbhar atá aice leis: ag mallachtughadh. Faid bhí sé ar an mbinnse dubhairt an giúistís nár chuala sé a leithéid eile de mhionnughadh éithigh: an t-éitheach dhá thabhairt ar scáth na fírinne dearbhtha i láthair Dé. Thug sé mionnughadh a anama go raibh sé ag innsint na fírinne: chuir sé a anam i rith na síorraidheacht mar thacaidheacht leis an gcainnt.

mionnuighim: *b.a.* $_7$ *n-a.* dearbhuighim, móidighim, tiomnuighim (tiomnaim), tugaim fiadhnaise fé bhrigh móide dearbhtha. Mhionnuigh sé é féin don diabhal ná raibh aon rud dhá rádh aige ach rud a dhéanfadh sé: thiomnuigh sé é féin do i ngeall cóimhlíonta a ráidhte. Níor mhionnuigh sé ach an t-éitheach dearg: thug sé an leabhar gur bh'í an fhírinne a bhí aige. Mhionnóchadh sé ar a anam is ar a cholainn gur b'í an fhírinne a bheadh aige is go bhfeicfeá an t-éitheach ag teacht as a bhéal: chuirfeadh sé i ngioll leis an méid a bheadh dhá rádh aige. "An bhfuil aon eagla ort?" – "mionnuigh leis ná fuil": tiomnuigh: níor ghábhadh dhuit aon cheist do bheith ort a dhearbhadh ná fuil. Mionnuigh anois leis, sin a bhfaghair, tá an iomad cheana agat: dearbhuigh leis: tabhair suas é. Is fadó mhionnuigh sé leis an ól: dhearbhuigh sé go mbeadh deireadh aige leis is do bhí. Má mhionnuighir orm, isteach liom: má thugair fiadhnaise ar leabhar im choinnibh gheóbhad príosún. Mionnuighim is móidighim duit go bhfuil chómh glan air is tá an sagart (an leanbh ó airéir, an té ná rugadh riamh, etc.): geallaim ar m'fhocal is ar mo leabhar.

mionnuighthe: *a.r.* dearbhtha, tiomnuighthe (tiomanta), móidighthe. Seachnadh gach neach é féin air. Tá sé mionnuighthe (díoghbháil do dhéanamh etc.): dearbhtha: móid throm sollamhanta tugtha aige go ndéanfaidh gníomh éigin lé binb. Glaodhadh orainn 'n-ár nduine is 'n-ár nduine, is nuair bhíomair mionnuighthe suidheadh os choinne an bhreithimh sinn 'n-ár gcoisde: an leabhar curtha orainn gan ach an ceart do dhéanamh dréir na fínéachta. Ní stadfad do neach táim mionnuighthe chun gnímh: dearbhtha: geallta agam dom féin chómh láidir, fonnmhar sis féidir.

mionughadh: *f.* (*-uighthe*) do dhéanamh beag; mion, (do) briseadh, (do) brughadh; do réidhteach, míniughadh. A thuilleadh mionuighthe ar an scéal ní gábhadh dhuit, tuigim go soiléir thu: mínighthe: réidhtigh. Chaith sé a sheacht n-oiread aimsire ag mionughadh dhom cad budh cheart dom do dhéanamh is go mbeadh sé déanta dhá uair agam: ag léiriughadh go beacht. Dá bhfaghainn an mionughadh ceart ar an gcúrsa ní raghainn amugha in ao'chor: míniughadh: léiriughadh ar gach cuid de. Tá an t-iasc ag mionughadh .i. na hiarrachtaidhe atá dhá thógaint níl na bric chómh mór is bhíodh: ag luigheadughadh. Gluaisimís, tá an bháisteach ag mionughadh: na braonaidheacha ag dul i dtreise. Ag mionughadh na gcloch lé hinneall brúighte: ghá mbriseadh is ghá mbrughadh. An mbeadh mionughadh chúig bpúnt agat?: briseadh: airgead, nó buinn airgid de mhana níos lugha. Táim d'iarraidh na hoibre do mhionughadh i measc na bhfear d'fhonn agus go mbeadh sí níos comhthruime ortha: cion níos lugha do thabhairt do gach caonaidhe.

mionuighim: *b.a. 7 n-a.* luigheaduighim, téighim i luighead, brúghaim, brisim (airgead), mínighim. Mionuigh ar an móin, tá sí dhá bhaint ró-reamhar, ní thriomóchaidh sí choidhche: gearraidh fóid níos lugha. Mionuigh an cáithne tobac san is buail 'on phíp é: mínigh: luigheaduigh i dtoirt go mór é. Is fada go bhfeaca thu, mionuigh dom anois: aithris dom: cuir síos go beacht gach scéal is dóigh leat a thaithneóchadh liom. Mionuigh na cnapáin sin sara dtaoscair ar an iomaire: brúigh is bris iad go mbeidh ar nós na mine nó na gainimhe. Mionóchad an bille sin duit: tabharfad duit i mbonnaibh nó i mbillidhibh níos lugha é. Mhionuigh an fharraige na carraigeacha lé suathadh is le suaineáil sa chás nár fhan oiread púróg ionta: luigheaduigh iad. Gach rud a chuireas air lé déanamh mhionuigheas do connus: léirigheas is réidhtigheas gach rud a thaidhbhsigh deacair. Is cuma cá mhéid uair do raghadh rud 'n-a choinne ní mhionóchadh sé a mheisneach: ní chlaoidhfeadh sé é. Ní raibh plána sa fuinneógaibh ná gur mionuigheadh ar nós na gainimhe: déineadh púdar de.

mionuighthe: *a.r.* brúighte, briste, luigheaduighthe ar nós na gainimhe nó an phúdair, athruighthe (airgead). An t-airgead mionuighthe go maith nuair tá sé go léir 'n-a phingnidhibh: athruighthe 'n-a lia bonn beag. Táimid chómh mionuighthe anois agat is nách fiú trácht orainn: an chuid is mó agus is fearr againn deighilte linn. An tobac so chómh mionuighthe ó bheith sa mhealbhóig nách fiú é do chur 'on phíp: 'n-a ghránlach: chómh mín lé min. Mo thuairm go dtuigfeadh an té is daille annso do scéal, tá sé mionuighthe ar an gcuma san agat: mínighthe, réidhtighthe, léirighthe. Na garbhóga móra cloch a bhí annsan nách iad atá go mionuighthe níl ionta ach púróga: luigheaduighthe. Talamh ró-mhionuighthe seadh ár mbaile-ne chun aon tslighe bheathaidh dob fhiú d'áireamh do bheith ag duine ann: roinnte 'n-a chodaibh ró-bheag: gabháltas suarach ag gach tríontaidhe. Tá an smut (adhmaid) mionuighthe ró-mhór agat chun dola do dhéanamh de: sciotuighthe, snoighte. Ar an léirscáil tá na bailte is gach aon áit a theastóchadh mionuighthe go han-mhaith: léirighthe.

míorbhailt: *b.2.* obair iongtach, rud éigin suaithinseach nó mí-chuibheasach a thárluigheas is nách féidir do mhíniughadh; rud a sháruigheas ar dhlighe na nádúra; aon cheann de ghníomharthaibh iongtaiseacha Chríost mar thógaint na ndaoine ó mharbhaíbh, biadh do thabhairt don gcúig míle etc. Míorbhailt seadh an capall san, buadhann sé gach rás go faoibín: capall suaithinseach: cuireann sé iongadh ar dhaoinibh. B'shin é díreach an mhíorbhailt connus éaluigh sé i ngan fhios don ngárda is gan cor curtha de ghlas ná ghéibh: an rud iontach nách féidir do thuigsint. Nár mhór an mhíorbhailt gamhain go raibh trí ceannaidheacha air is sé cosa: suaitheantas. Is mór an mhíorbhailt ná féadfainn aon airgead do choigilt dá mhéid a dtuillim: iongtas. Ar a bhéal dhéanfadh sé míorbhailtidhe: gníomhartha iongtacha. Chonnaic san míorbhailtidhe ná feacaidh éinne eile, deirtear lé duine a bhíos ag maoidheamh. Ná bíodh do shúile ar leathadh ag féachaint orm ní haon mhíorbhailt me bheith annso: rud ar an dtaobh amuigh den dtuigsint. Lé míorbhailt a thángadar saor as an gcath fuilteach úd: lé cóngamh eile seachas a n-iarracht féin. "Agus adubhairt Íosa, ná toirmeascaidh é, óir níl éinneach do dhéanfadh míorbhailt tríom ainm-se agus a fhéadas olc do rádh liom ar an mball" (Marc IX. 39): rud atá thar chómhacht daonna do dhéanamh. "Éistidh na briathra so, a chlann Iosrael Íosa Nasardha, duine dearbhtha ó Dhia eadraibh-se maille lé cómhachtaibh is lé míorbhailtidhibh agus lé

comharthaidhibh noch do rinne Dia tríd-sean eadraibh-se, mar is aithne dhíbh féin" (Gníomhartha II. 22): teagmhasaidhe nách féidir libh do dhéanamh ná do thuigsint. É do théarnamh is a olcas do bhí sé, tugtha suas ag sagart is dochtúir, míorbhailt dob eadh é: rud a chuireas iongadh ar dhuine.

míorbhailteach: *a.* iongtach, éachtach, suaithinseach. Is míorbhailteach mar scaradar leis, is ná deaghadar ar thóin puill nuair réab an caor an long: iongtach: rud is deacair do thuigsint. Níl aon rud as so go maidean go dtráchtfá air ná fuil eolas aige air - nách míorbhailteach an mac é: éachtach: iongtach. Is míorbhailteach an rud é go raibh na sluaighte d'iarraidh é do theanntughadh agus ná rugadar air: rud budh dheacair do thuigsint.

mioscais: (**mioscas**) *f.1.* éad, droch-aigne, gráin, doc, olc, mí-rún. Is é atá 'n-a cheann mioscais do dhéanamh i measc na cómharsan, ní bhfaghadh sé a shláinte gan iad d'fheicsint in earrad: achrann. An mioscais atá 'n-a chroidhe aige dhom níor mhór aige me do mharbhadh: spíd: olc, díomas. Lé fada 'e bhliadhantaibh tá mioscais eatartha nách eól d'éinne ach dóibh féin: imreas rúin éigin. Ar eagla me do dhéanamh mioscais, ós rud é ná taithnighim lé haon taobh agaibh, fágfad: achrann.

mioscaiseach: *a.* éadmhar, droch-aigeanta, olcmhar, mí-rúnda. Duine mioscaiseach i mbaile seadh é, is deacair d'éinne é féin do sheachaint ar an dteangain mhalluighthe atá aige: fonn air buadhairt do dhéanamh. Teanga mhioscaiseach nách aon tseódh léi ach bheith ag tromaidheacht ar na cómharsanaibh: achrannach. Dá mbeadh aon chúis mhór aige ort seadh bheadh a fhios agat an bhfuil sé nó ná fuil sé mioscaiseach: an mbeadh nó ná beadh olc 'n-a chroidhe aige dhuit. Ná bíodh croidhe mioscaiseach agat dos gach éinne go mbíonn beagán de strus an tsaoghail air: éadmhar.

mioth: *f.3.* duine nó rud suarach. Mioth ná maith níl sé agam lé tabhairt duit: olc ná maith; in ao'chor. Táid go léir ann idir mhioth agus maith: árd is íseal, olc is maith.

miotaim: *b.a.* bainim miotaidhe nó mion-mhanntaidhe as, caithim. Do mhiotuigh luch nó franncach an císte seo i rith na hoidhche: bhain greamanna as. Féach go miotuigheann na luchaigh is na franncaigh cláracha úrláir is scairte: creimid: deinid puill tríotha trí chogaint an adhmaid lé n-a bhfiaclaibh.

miotal: (**miteal**) *f.1.* mianach mar ór, airgead (bán), stán, copar; mianach (duine); spirid, beódhacht. Cuirfead-sa miotal ionat-sa ag imtheacht duit mara gceapair do shuaimhneas: anamamhlacht: deabhadh chun fágtha. Cé déarfaidh ná fuil miotal 'n-a ghéagaibh, féach ortha san d'ualaighibh dá thógaint aige?: brigh: neart fuilngtheach. "Cad é an saghas mitil do fuairtheas ann?" – "iarann": mianach talmhan. Mara mbeadh an droich-mhiotal do bheith ann ní dhéanfadh sé a léithéid: an droich-mhianach. Tá miotal sa chapall san, féach an léimreach atá air: beódhacht, anamamhlacht.

miotalach: (**mitealach**) *a.* anamamhail, beó, aibidh, meisneamhail. Seachain tú féin ar an ainmhidhe sin, tá sé an-mhiotalach, is furaiste leis geit do thógaint: tugtha do ghuairneán. Miotalach a dhóthain atá sé chun tabhairt fé aon chonntabhairt: meisneamhail.

miotamas: *f.1.* barrántas chun príosúin; fógra chun scurtha d'obair. Deireadh agam ag obair annsúd, fuaireas mo mhiotamas indé: fógra gan teacht airís. Dhearbhuigheadh miotamas mo churtha i bpríosún: barrántas.

miotóg: *b.2.* fáscadh idir an órdóig is an mhéar spáin; an oiread is féidir do thógaint idir órdóig is méir spáin; mannta beag; blúire beag do bhaint as aonnidh. Labhair leis, nách ort atá an náire roimis, ní bhainfidh sé aon mhiotóg asat: aon ghreim: ní ghoirteóchaidh sé thu. Bhí na rudaidhe beaga ó mhiotóig go miotóig leis an gcáca gur chuireadar crích air: ó bhlúire go blúire: ó ghreim go greim. "Táir ag obair" – "táim ag baint miotóige as": ag déanamh ádhbhairín. Níor dheineas ach miotóg do bhaint as: blúire an-bheag. Chaill an namhaid fiche míle fear i gcath an lae indé, budh mhaith an mhiotóg aiste é: an bhéic. Baineadh miotóg mhaith as an ngort: deineadh roinnt mhaith oibre ann. Beidh sé ag tuiteam linn 'n-a mhiotóig is 'n-a mhiotóig: uidh ar n-uidh: i ndiaidh a chéile. Ní itheann sé mór-chuid, miotóigín bheag: blúirín beag. Miotóga maithe bainte as an iasc aca an bhiadhaiste seo: iarrachtaidhe a ghnóthuigh airgead. Tá miotóg sa spéir indiu: nimh: fuacht a bhrathfá go maith.

miotógach: *a.* tugtha do mhiotógaibh, greamuightheach, goirtightheach. Ar an bpartán atá na crúba miotógacha, dá mbeireadh ort: greamuightheach: a chuirfeadh ríoga tinnis ort táid chómh géar, fáscuightheach san. Leóithne ró-mhiotógach do dhuine bhreóidhte ann indiu: géar, goirtightheach, nimhneach.

mí-phoinnteáil: *b.3.* siléig, faillighe, neamh-éascaidheacht; neamh-thapa. Mí-phoinnteáil dhom gan breith ar ghluaisteán an phuist chun mo mharcaidheachta is eaga mo dhóthain agam: neamh-thapa: an cao do leigeant uaim trí shiléig. Thugas iarracht ar bhreith air ach lé mí-phoinnteáil cheart shleamhnuigh sé idir mo ladhrachaibh: bheith mall, mí-thapaidh, neamh-ghasta lém lámhaibh. Rinneas mí-phoinnteáil ghránda nár cheannuigh an siopa úd is cao cheart agam air: scaoileas uaim é go haindeis: ní raibh ciall ná críochnughadh ag baint liom. Caitheadh ceann téide 'on bhád ón luing, ní rug uirthe ámhthach lé mí-phoinnteáil: mí-phraitineamhlacht, neamh-éascaidheacht is neamh-ghastacht gnímh. Mí-phoinnteáil do gan a ainm do chur isteach in am: ceal aire: manaois is faillighe. Imreóir maith peile é ach a mí-phoinnteáil tímcheall beartha uirthe .i. gan é do bheith pras, mear, tric, luath.

mí-phoinnteálta: *a.r.* siléigeach, mall, faillightheach neamhphraitineamhail. An-liobarnach, mí-phoinnteálta as a ghéagaibh do ní fhéadfadh sé breith ar aon rud do chaithfeá chuige: mí-phras, mí-eólgaiseach. Is mí-phoinnteálta thug an captaen fén gcaladh is taithighe mhaith aige ann gur chaill sé a long: tuathalach. Ní haon áit d'éinne bheith mí-phoinnteálta ar an bhfarraige, tá sé ró-chonntabharthach: gan bheith pras seólta chun a ghnótha. Dálta an scéil, is mí-phoinnteálta d'éirigh sé dhom gan na rudaidhe a theastuigh uaim do scríobh i slighe agus ná leanfadh aon dearmhad me: faillightheach: neamh-aireach. Capall conntabharthach seadh é le tabhairt in áit achrannach, tá sé i bhfad ró-mhí-phoinnteálta as a chosaibh: neamh-chruinn: ar an uain go mbeadh do mhuinghin as theipfeadh.

mír: *b.2.* roinnt, cuid, blúire, blodh, aisce déirce, órd. Tá do mhír agat agus go maith: cuid (biadh). Nách mór mar thréig lucht míre is mála, is annamh a bhuailfeadh éinne aca chughat anois: lucht déirce is bacaigh. B'é mo chuid talmhan riamh a mhír méine is ní raibh sásta go raibh greamuighthe aige: an rud is mó go raibh dúil aige ann. Tá duine breóidhte sa tigh againn agus is amhlaidh do ghníonn an triúr againn míreanna den oidhche: ag tabhairt aire dho. Tamall ag obair ag an mbochtán agus tamall ar an mír: ag brath ar chóngamh an stáit. Ní sháiseóchadh Éire é gan bheith ag útamáil 'sag méaráil air gur leag sé é is gur dhein céad mír de!: blodhtacha beaga. Ní hamháin gur fearr d'fhear é ach dhéanfadh sé míreanna beaga dhíot: blúiridheacha: stracfadh as a chéile thu lé reacht nirt. Tá agat anois fear den mír is aoirde: den órd: ar fheabhas ní féidir a shárughadh.

mí-rath: *f.3.* mí-ádh, donas, clampar, aimhleas. Ná raibh mí-rath ag Dia ort: nár chuiridh Sé mí-ádh ort. An té go mbíonn an-mhí-rath ar maidin air bíonn sé tráthnóna air: mara mbíonn éirightheach lé duine i dtúis bearta is baoghalach gurb é an scéal céadna go deireadh siar é. Riamh bhí mí-rath ban orm .i. ní gheóbhadh éinne aca liom. Creid me leis go ndéanfair do mhí-rath an áit atá agat d'fhágaint mar a bhfuilir seascair, sásta: aimhleas. "Mí-rath air etc." deirtear lé mí-shástacht nó nuair bhíonn rud ag dul i gcoinnibh dhuine. Tiocfaidh mí-rath de dheascaibh na bearta gráineamhla so: ní leanfaidh aonnidh cóir ná maith é. An chun an mhí-ratha do tharrac orm atáir ag tafant orm an rud mí-cheart san do dhéanamh?: clampar is mí-ádh. "Ní ar éinne amháin a bhíos an mí-rath", deirtear nuair cloistear donas do bheith tárluighthe do dhuine éigin .i. bíonn sé fada, fairsing. Tá mí-rath ainmhidhthe orainn .i. ní éirighid linn: ní bhfaghaimíd a dtairbhe.

mí-rathamhail: *a.* mí-ádhmharach, donasach, clamparach. Áit mhí-rathamhail seadh é, bochtnuightear gach éinne ann: gan ádh ar bith. Rinne an cailín pósadh mí-rathamhail - níor mhair a céile ach mí: mí-ádhmharach. Curadóireacht mhí-rathamhail atá ann, tháinig an aimsir ró-chruaidh ró-thirim .i. ná beidh aon toradh uirthe. Is mí-rathamhail do chuireas mo chuid airgid gur chailleas gach aon phingin de: an-ait.

mire: *b.4.* (**mireacht**) tapamhlacht, luas, sultmhaireacht, buile, teasbhach, ruidéis, luaimneacht. Cad tá air sin? tá sé ar mire, níl stad thall ná abhfus pé rud atá ag cur air: ceal socarachta iomchair. Ní rabhas ar meisce ná ar mire: teasbhach: girréis, corruighe aigne go ndéanfainn rudaidhe neamhghnáthacha. Bíonn sé ar barrghail achrainn leis gach éinne lé mire an fhir: tapamhlacht mianaigh. Fear ar mire a raghadh ar snámh lá fiadhain i gcorplár an gheimhridh: ná beadh an stuidéar ceart ann. Is deacair buadhachtaint ar ghirrfhiadh lé mire: siubhal mór: luas. Neart a ritheann is mire a léimeann: éascaidheacht cuirp. Lé mire atá sé ag amhrán: sultmhaireacht croidhe. Tá mire croidhe orm bualadh leat: éirghe croidhe: sástacht aigne. Bhíos ag gluaiseacht ar mire ar mo rothar nuair tógadh liom: siubhal mór fúm is gan an aire riachtanach agam dhá thabhairt.

mí-réir: *b.2.* easumhlaidheacht, mí-cheart, mío-ghnaoi, mí-órdughadh. Is fada é sin ag imtheacht ar mí-réir ag caitheamh a choda go haindeis: gan aon órdughadh ná riaghail leis. Cad tá ar mí-réir anois ná fuiltear ag gluaiseacht chun cinn?: mí-ghléas. Cé chuir ar mí-réir na leabhartha so?: as a n-ionad ceart. Ag déanamh mo mhí-réire atá mo chlann ó éirighid dá leabaidh go luighid, ní hiongadh me seólta aca: ag dul thar mo chrois ar gach

saghas slighe. Níor dhein sé mí-réir éinne riamh a bheadh ar mhaithe leis: níor dhein sé gan géilleadh dho. Ná leig aon mí-réir ar do chuid airgid: bí aireach air.

mí-réireach: *a.* easumhal, mí-cheart, neamh-ghéilleamhail. Caithfead éirghe asat, táir ró-mhí-réireach dom, is ní oireann san dár gcúram: easumhal: níl aon ghéilleadh agat dom. Is minic sin an t-inneall san mí-réireach: ar mí-ghléas. Capall mí-réireach nár bh'fhios duit cathain chuirfeadh stailc suas nó stiallfadh an trucail: ceann do-smachtuighthe. Thug an lucht ceannais órdughadh caithte ar an sluagh ar leath-scéal go rabhadar mí-réireach: easumhal don dlighe.

mireóg: *b.2.* girréis, sult, soilbhre. Ní chuireann sé aon mhireóg ar an seanduine an tobac do bheith éirighthe, is an dúil atá aige ann: sult. Ní cúram tighe ná áite bhíonn ar an stráille sin ach ag imtheacht ar a mhireóig do féin: ghá aoibhneas féin.

mireógach: *a.* sultmhar, meidhreach, súgach. Chaitheamair tamall d'oidhche chómh mireógach is chaitheas riamh maidir lé ceól is seódh is ólachán: sultmhar, scléipeach. In aon áit go mbíonn caitheamh aimsire gheóbhair ann an buachaill mireógach san: claon lé scléip.

mí-riaghail: *b.5.* droich-riaghail, droich-dhlighe; droich-threóir; droch-ghnás. Choidhche ní bhfaghaid cion na ndaoine trí mhí-riaghail ghá gciapadh in ionad bheith ghá gceannsughadh: droich-dhlighe. Tá an duine sin ag imtheacht ar mí-riaghail ar fad lé deireannaighe, níl tor ar Dhia ná ar dhuine aige: gan chuimse deigh-iomchair. Thairngeas chugham mí-riaghail nách féidir liom a cúram do chaitheamh díom – bheith ag ól tobac roim biadh ar maidin: gnás nó béas olc. Ó tháinig an namhaid isteach innte is gur claoidheadh í tá an tír ar mí-riaghail, gach aon rud is measa ná a chéile dhi ag tuiteam amach: ar mí-órdughadh. Tá mí-riaghlacha ag baint leis an gcumann so budh chóir d'athrughadh, táid ró-dhian: treóracha a bhíos ceapuighthe i gcóir ball ar an gcuma gur chóir dóibh féin iad d'iomchar ann. Dar leat dréir deallraimh nách aon mhí-riaghail bheith déidheannach ó obair: seachmall ón ngnáth-thaithighe.

mí-riaghalta: *a.r.* eas-umhal; eas-urramach, mí-gheanmnaidhe, doi-shrianta. Is mí-riaghalta an leanbh é, ar scoil déineann sé gach aon rud is féidir leis, ag baile goideann sé: gan aon teóra ná bheith umhal do riaghail ná do smacht: gan smacht. Nuair bhíonn aon bhraon caithte as an slighe aige bíonn sé mí-riaghalta: bíonn ar tí aon rud do dhéanamh. Capall an-mhí-riaghalta fé thrucail í, an-mhacánta fé chéachda: neamh-shocair, crosta. Tá sé le maoidheamh againn, Éireannaigh, gur sinn an chine is neamh-mhí-riaghalta sa domhan: is geanmnaidhe. Ná fanfá socair, ná bí chómh mí-riaghalta: crosta, dí-smachta.

mí-riaghaltacht: *b.3.* eas-urramacht, easumhlaidheacht, mí-riar, mí-gheanmnaidheacht, neamh-éascaidheacht do dhlighe, chóir nó cheart. Tángthas is ruaigeadh as an gceanntar san den gcathair iad lé n-a mí-riaghaltacht, bruigheanta is achrann, goid is fogha is fuadhach is cumasc mí-riar: gan srian gan smacht ar a miantaibh. Cuireadh abhaile ó scoil an garsúinín bocht, támáilte chun a mháithrín lé mí-riaghaltacht!: gan bheith umhal ná urramach dá uachtaránaibh nó do smacht. Mo chómhairle dhuit teicheadh as aon chuideachtain go bhfeicir fonn mí-riaghaltachta ortha: achrann.

mí-rothag: *f.1.* neamhfhaidtheadhlacht, neamhfhoidhne, ceann-uaiscneacht. Ná bíodh aon mhí-rothag ort anois ar eagla go ndéanfá aonnidh lé neamh-choinne is go dteipfeadh ort: deabhadh is fotharaga chun ruda do dhéanamh. An mhí-rothag a chaill iad, dá bhfanaidís seal eile gan ionsaidhe ní béarfí i dteannta air: an ceann-uaiscneacht: ceal foidhne. Lé mí-rothag ní fhéadfadh sé fanacht go mbeadh deireadh ráidhte agam gan cur isteach orm: an fotharaga neamh-fhoidhneach.

mí-rothagach: *a.* neamhfhaidtheadhlach, neamhfhoidhneach, ceann-uaiscneach. Labhrann sé gan fanacht lé brigh cheart chainnte d'fhagháil, tá sé chómh mí-rothagach san: neamh-fhoidhneach: lán d'fhotharaga chun rud éigin do rádh. Ná bí chómh mí-rothagach san 'sa bheith ag gabháil ar an ndoras, ná tabharfá eaga oscailte dhóibh: gan faidtheadhlacht ar bith: gan an fhoidhne chaithfeadh duine ciallmhar lé rud. Aon locht amháin a gheibhim air, é do bheith chómh mí-rothagach go ndéanfadh rud gan machtnamh: go ndéanfadh sé rud lé ríog obann. Rámhaidhe breágh dob eadh é, mara mbeadh é do bheith chómh mí-rothagach: ná fanann socair, ciúin.

mí-rún: *f.1.* droch-aigne, droch-thoil, feall, mí-ghean. B'fhada ag cothughadh mí-rúin a marbhtha é, gur thug nimh sa deireadh dhi: feall inntine. Cad é an mí-rún a bheadh agam-sa dhuit ná a chúis chun do dhíoghbhála do dhéanamh?: droch-aigne. Lé mí-rún dom níor bh'fhearr leis beó ná marbh: droich-mhéin. D'aithneóchadh air agus an scian ar leathadh aige go raibh mí-rún ar iomchar aige: rud éigin olc.

mí-rúnach: *a.* droch-aigeanta, díomasach, droich-inntineach. Focal maith ní chloisfeá uaithe i dtaobh neach, tá sí ar an mnaoi is mí-rúnaighe beo: díomasaighe: droich-inntinighe. Scrígh sí leitir mhí-rúnach im thaobh chun mo lucht adhmannais ag tagairt do rudaidhibh neamh-dheasa a bhí déanta agam: mailíseach: díomasach. Is mí-rúnach an rud duit bheith ag cur éinne ar a mhí-leas: claon-aigne lé díoghbháil.

mí-shásamh: *f.1.* ceal sásaimh, dí-mbuidheachas. Imtheóchair agus mí-shásamh agat ort féin uatha, dá mhéid agat iad, nuair gheóbhair an aithne cheart ortha: mí-bhuidheachas: beidh aithreachas ort. D'itheas an iomad is tá mí-shásamh orm: níl mo ghoile ró-shuaimhneasach. Ar an gcuma atá an capall san ag spreachghail tá mí-shásamh air: tá sé gan bheith ar fóghnamh. Cé hé ná cuirfeadh sé mí-shásamh air rudaidhe do bheith ag dul 'n-a choinnibh: mí-shástacht. Níl aon mhí-shásamh orm leis an aonach: pé conbharsáid a bhí agam ann bhí m'aigne sásta leis.

mí-shásta: *a.r.* mí-bhuidheach de, déistinneach lé, goirgeach, tuaisceartach. Duine mí-shásta é ná féadfá an dara focal cainnte do thabhairt do: tuaisceartach, neamh-mín 'n-a mheón. Táim go mí-shásta liom féin an mhí-phoinnteáil do dheineas gan an tigh maith sin do cheannach .i. feargach liom féin. Ainmhidhe mí-shásta nár bh'fhios duit cad dhéanfá leis: deacair a ionnramháil. Ní fheadair sé cad tá ag gabháil do ach go bhfuil sé an-mhí-shásta: ná braitheann mar budh cheart.

mí-shásuighim: *b.a.* mí-thaithnim; cuirim mí-chéadfadh, fearg, mí-ghnaoi ar. Níl éinne is mó mhí-shásuigheas ná me féin dá mhí-bhuidhthighe bhí an chuid eile dhíom as iad do

chur amugha mar budh mhó bhí caillte agam: is orm féin is lugha do chuireas aoibhneas aigne. Is é an rud is mó mhí-shásóchadh thú aige dá mhéid do dhéanfá dho ná a luighead buidheachais do bheadh aige ort: a chuirfeadh mí-chéadfadh nó mí-ghnaoi ort.

misde: (**miste**) An misde leat an tigh seo d'fhágaint óir ná ceapair do shuaimhneas?: an cuma leat?: an gcuireann sé mairg ort? Ní misde a rádh ná gur gránda an cogadh cogadh aoir: is fíor an innsint í. Ar mhisde leat me do leanamhaint?: ar mhairg leat é?: ar dhochma é? Is misde liom bás do dhreathár: goilleann sé orm. Is misdide dhom-sa 'ná dhuit-se ár ndochar, mar is mó do chailleas-sa: is mise is mó a bheidh thíos leis. Is fearrdide an chailleach a goradh ach is misdide a loscadh!: is díoghbhála dhi dá dheascaibh. "Suidhfead it aice maran misde leat é?": maran cuma leat. "Ní misde liom agus ní misdide me": níl aon chol agam leis is ní dochar dom é. An misde dhom a fhiafraighe cad tá id phóca agat?: an mbeidh a aithreachas orm?: an aon rud dom é go mbeadh col agat leis. Cár mhisdide me, dar liom, tómhaisín beag do thógaint anois is airís?: cár dhochar dom. Is misde an ceanntar ó fhágais é, budh mhór an mhaith do dheinis do: cur chun deiridh air é. Éist annsan! ní misdide thu an tumadh san fuairis sa bhfarraige: ní bheir aon phioc níos dona dá chionn.

mise: *f.a. ph. (f.fh-bh)* me. "Cé hé tusa?" - "mise me féin, is cé hé tusa" .i. is cuma dhuit go n-innsir-se ché hé thu. "Déanfá go tapaidh é, creidim" - "mise?" .i. nár chás dom. "Agus mise, féach, mise a dhaingnigheas mo chonnradh libh-se, lé nbhur síol bhur ndiaidh" (Gen. IX. 9). Mise leat: ar do thaobh.

mí-sheól: *f.1.* cinneamhain(t), anacair, mí-threóir, ósbairt, neamh-choinne. Mara n-éireóchaidh aon mhí-sheól anois dúinn ar an siubhal san fuadar atá fúinn ní bheam i bhfad: osbairt: tárlachtaint éigin do mhoilleóchaidh sinn. Díreach is í i bhfad chun tosaigh ar na capaillibh eile d'éirigh sé de mhí-sheól di gur leagadh an marcach: cinneamhaint. Bliadhanta ó shin d'éirigh mí-sheól di ná pósfadh éinne ó shoin í: bhí de mhí-ádh uirthe go raibh leanbh toghartha aice. Mara mbeadh mí-sheól éigin d'éirghe don leitir do bheadh sí annso indiu is a fhaid ó cuireadh i bpost í: rud éigin dá cosc nó dá cur amugha. Mí-sheól a thárlaidhe dho fadó riamh go bhfuil an bhacaighe sin ann: ósbairt ná raibh coinne ar bith léi. Dá dtuitfeadh sé de mhí-sheól anois air go gcaillfeadh a chapall crudh ní fhéadfad dul chun cinn: de rud mí-ádhmharach. Is iomdha mí-sheól éirighthe riamh dóibh ar chéad slighe: aindeisidhe gan choinne.

mí-sheóladh: *f.* (*-lta*) cur amugha, mí-threórughadh, mí-stiúradh. Bí aireach is ná leig d'éinne tú do mhí-sheoladh mar táthar ag faire ar do dhíoghbháil: de chur ar an mbealach neamhcheart. Dheineas é do mhí-sheóladh mar ná raibh a fhios a mhalairt agam, mheasas go rabhas ghá stiúradh ar an mbóthar díreach: é do threórughadh san áit nár theastuigh uaidh. Sin é cómhluadar do chleacht sé ghá mhí-sheóladh gur thugadar ar aon rian leó féin é: ghá stiúradh ar a mhí-leas. An bhfuilir deimhnightheach nách mí-sheóladh é seo ar an leitir seo?: cómhartha mí-cheart maidir lé hionad. D'áitimh sé go láidir go ndeárna an breitheamh mí-sheóladh ar an gcoisde ar an am is gur fhág sé poinntidhe tábachtacha áirighthe gan cur os a gcómhair: nár thug sé an díriughadh dóibh budh cheart.

mí-sheólaim: *b.a.* seólaim, treóruighim, dírighim ar mí-cheart, mí-eolas. Do mí-sheóladh thu má sé sin duine atá uait, ní hannso atá cómhnaidhe air: cuireadh, stiúradh ar bhealach mícheart thu. Táir ar láimh mhaith anois ag fear ná mí-sheólfaidh thu: ná treóróchaidh in áit ná ar aon rud thú a dhéanfadh bascadh dhuit. Mí-sheóladh an cárta puist gur thug breis is bliadhain sar ar shroich sé a thriall: cuireadh cómharthaidhe ionaid triallta mí-cheart air.

mísimirt: *b.2.* déanamh fealltamhail, mí-chomhthrom, cealgach. Tar éis an chorpáin do scrúdughadh don ndochtúir dubhairt go raibh sé láidir air gur deineadh mísimirt éigin air dréir na gcómharthaidhthe a bhí air: gur lé feall do cuireadh chun báis é. Mísimirt seadh cor coise do chur fé dhuine ar chródh na himeartha: imirt ná fuil comhthrom. Ná tuigtear duit ná gur mór an mhísimirt dhuit bheith ag coimeád a chirt airgid uaidh i ngan fhios do: rud cam, calaoiseach, éagcórach.

misiúr: *f.1.* tómhas, incil (téip) mar bhíonn ag táilliúir chun tuise duine do thógaint. Trí úirlisidhe tailliúra, síosúr, cailc is misiúr. Thóg an táilliúir mo mhisiúr: thómhais sé me i gcóir éadaigh. Níl aon lúb 'n-a chorp san ná gurb eól dom-sa, tá a mhisiúr tógtha go maith agam: a thuise: scrúduighthe go cruinn.

mí-shlacht: *b.3.* mí-chríochnughadh, mí-dheallramh, neamh-ghastacht, neamh-iomláine i mbreághthacht. Nách í an bharracht so a thugas an mhí-shlacht ar thighthibh 'e bhreis ar chloich ghearrtha: gan cuma thaithneamhach don súil do chur ortha ach a mhalairt. Sé mhill ar fad me an mhí-shlacht go léir tímcheall an tighe istigh 'samuigh gan aon rud a chuirfeadh aoibhneas ort dearcadh air: gan aon rud bheith críochnuighthe go gasta ná ina iomláine. Smúit ar do chuid éadaigh, do bhróga gan smearadh do chorrán gan bearradh, mí-shlacht ar fad seadh thu: níl aon ghastacht ag baint leat ná snas ar aon chuma. Mí-shlacht mhór uirthe na fiacla go léir do bheith caillte aice: mí-chuma: tugann sé clódh agus deallramh gránda uirthe.

mí-shlachtmhar: *a.* neambreágh, neamh-thaithneamhach, neamhghasta. Is truagh an capall do bheith chómh mí-shlachtmhar as a ghéagaibh, mar is láidir buan an t-ainmhidhe é: tuathalach: gan "géaga glana" do bheith fé nó siubhal neamh-chórach. Bád mí-shlachtmhar aon bhád go mbíonn tosach ró-leathan is deireadh ró-chaol uirthe, dhá locht mhóra: mí-dhéanta, mí-líomhtha. An tslighe mhí-shlachtmhar go bhfuil na leabhartha caithte i ngabhal a chéile agat, budh dheacair duit an ceann do bheadh uait d'fhagháil: gan chóiriughadh ná néatacht. Cad eile ach saoirseacht mhí-shlachtmhar go bhfuil clocha ar a bhfaobhar innte: gan cuma thaithneamhach d'amharc ná cur fuaimeantamhail. Mo chuid scríobhnóireachta chómh mí-shlachtmhar san gur ar éigean is féidir í do léigheamh.

mísmín: *f.4.* luibh go mbíonn boladh cumhra uaithe. Baile Ícín an mísmín caorach.

mí-stainnc: *b.2.* strán mór, mí-shástacht aigne, mí-shíbhialtacht, garbhuaic. Cá hiongadh mí-stainnc do theacht air nuair bítear chuige an uile nóimint ag lorg ruda éigin air: searbhas. Ná tagadh aon mí-stainnc ort leis, cé go bhfuil a chúis féin agat: seadh is mó ghoirteóchair é. Sean-aintín a bhí againn is bhí a raibh sa tigh ar fad 'n-a mbais chait aice, gan é do mheisneach ag éinne a bhéal d'oscailt leis an mí-stainnc a thagadh uirthe, gur

dhóigh leat go n-íosfadh sí id bheathaidh thu: garbhuaic: a fhusacht seirbhe do chur uirthe.

mí-stiúradh: *f.* (*-rtha*) mí-sheóladh, mí-riar, mí-threórughadh. Siopa láidir strusamhail dob eadh é, níl faic anois, d'imthigh an dimileaghadh air lé mí-stiúradh: ceal bainistighe cheart do dhéanamh air: gan an aire d'oirfeadh do n-a rith do thabhairt do. A leinbh, níor thug do mhuinntir aon mhí-stiúradh ort, níl ceal béas ná síbhialtacht ort: droch-oileamhaint: múineadh is tógadh tu go maith. Ars an duine dolbhach, "ar an mí-stiúradh atá dhá dhéanamh ar an ndúthaigh cuirfear a bhfuil innte chun báis lé n-a mbochtnacht": an droich-riaghaltas atá ghá riar. Ná bí ghom mhí-stiúradh anois is ghom chur ar cuaird in aistear mara bhfuil an rud atá uaim lé fagháil ann: ghom chur amugha: ghom chur dem threóir. Duine mí-stiúrtha thusa ná faghadh a shláinte gan bheith ag cur daoine as a n-aimhleas: droch-chómhairleóir.

mí-shuaimhneas: *f.3.* buaidhreamh, corruighe, mí-shos, mí-sheascaireacht. Saoghal é seo go bhfuil mí-shuaimhneas scaipighthe ar fuaid an domhain, imreas is troid is spochaireacht chúcha go fóirleathanadamhail. Cad é an mí-shuaimhneas atá ort ar an suidheachán san go bhfuil an guairneán go léir ort .i. gan bheith ag fanacht socair. Tá mí-shuaimhneas an domhain uile air chun bóthair, dar leis ná gluaisfidh sé choidhche: mí-fhoidhne is neamhshocracht. Chuir cailleamhaint an oiread long in aon tseachtmhain amháin mí-shuaimhneas ar riaghaltas Shasana: buaidhreamh is corruighe mí-shásta. Ná bíodh aon mhí-shuaimhneas ort, tiocfaidh sé slán abhaile chughat lé cabhair Dé: buadhairt aigne.

mí-shuaimhneasach: *a.* buadhartha, corruighthe, neamh-sheascair, imreasach. Is deallramhtach go bhfuil rud éigin ag imirt air, neachtreaca ní bheadh sé chómh mí-shuaimhneasach san gan sos in aon áit air: neamhshocair, ag gluaiseacht ó bhall ball. Tá na daoine ar fuaid an domhain uile an-mhí-shuaimhneasach ag an gcogadh so: níl a n-aigne sásta ná nílid socair i dtaobh caithte a mbeathadh. Dá n-ithinn biadh láidir bhrathfainn mí-shuaimhneasach ar feadh i bhfad 'n-a dhiaidh: ní bheadh an taobh ró-shásta, ró-shocair. Leanbh an-mhí-shuaimhneasach dob eadh me nuair bhíos im bhunóic: crosta: neamhshocair: mí-shásta. Is mí-shuaimhneasaighe an tigh anois 'ná aon am ar feadh na hoidhche, aon fhocal anois ní chloisfeá ag gleódh: gan sos ar bith.

mí-shuairc: *a.* mí-ghnaoidheamhail, mí-shultmhar, mí-mheidhreach, mí-shúgach. Is oth liom gurbh éigean dom í d'fhágaint, mar bhíos an-cheanamhail uirthe, ach bhí sí ró-mhí-shuairc: breall uirthe is cor 'n-a sróin gach uair do labhrainn léi: mí-ghnaoidheamhail: gan bheith miochair ná cneasta in iomchar. Dá mbeadh an scéala is fearr ar domhan agat do ní gheóbhfá uaidh ach an chainnt mhí-shuairc, ní gáire ná buidheahas do gheóbhfá uaidh: ar nós an dúiste. Ní chorróchadh aon rud chun gleáchais ná grinn anois é tá sé mí-shuairc ó cailleadh an t-athair: gan é claon lé sult. Sa deireadh bhí náire orm go rabhas ag déanamh roileáin díom féin d'iarraidh seóidh éigin do bhaint as, ach bhí sé chómh mí-shuairc le cois thinn!: mí-shúgach: ar aiste nár bh'fhéidir é do bhogadh. Thug a bhás aigne mhí-shuairc dom ar feadh i bhfad, ghaibh sé chómh mór san tríom gur tugadh tóin mo shaoghail anáirde ar fad: mí-shúgach: ní chuirfeadh aon rud me sa tslighe go ngealfadh mo chroidhe.

mí-shuairceas: *f.1. 7 3.* mí-ghnaoi, mí-mheidhir, mí-thaithneamh, mí-shúgacht. A dhaoiste, ní fheaca riamh thu ach mí-shuairceas ort: aiste aigne ná beadh claon lé meidhir ná lé greann. Thréig a chailín an t-ógánach bocht is is air atá mí-shuairceas na hÉireann: dochma croidhe. B'fhearr leat bheith na céadta mílte uatha 'ná bheith 'n-a measc lé mí-shuairceas, a gceann fútha is gan focal seóidh: doircheacht croidhe.

mí-thairbhe: *f.4.* dochar, urchóid, aimhleas, neamh-mhaitheacht. Mí-thairbhe go né do chuid bídh duit maran ort atá an ghuilm chuige ná fanfadh go gcuirfí é go léir os do chómhair: neamh-maitheas: breóidhteacht go gcuiridh ort. Is mí-thairbhe domh-sa tu do bheith agam, sé a ndéinir a n-ithir: dochar: cur siar. Tá an béal imthighthe aiste mar thuaigh, níl ach mí-thairbhe innte anois: is mó de dhochar ná de mhaitheas í. Seadh, tair mar sin, ní haon mhí-thairbhe do dhéanfair ach go háirighthe: aon chur chun deiridh. I ndeireadh na dála thiar nách mí-thairbhe maoin an tsaoghail seo, ní fhéadann éinne a bhreith leis thar teórainn: gan áis.

mí-thaithneamh: *f.1. 7 3.* mí-shásamh, mí-ghean, mí-ghnaoi, searbhas, eas-aontacht. Achrann i dtaobh airgid a chuir an mí-thaithneamh eatartha: mí-bhuidheachas. Tamall, bhí sí an-cheanamhail air ach d'éirigh mí-thaithneamh aice dho gur thréig sí ar fad é: díth ceana. Cad é an mí-thaithneamh aca dá chéile anois ná labhraid?: easaontas: tuiteam amach. Ar chualaís riamh "go bhfuilngeann fuil fuil i ngorta, ach ná fuilngeann fuil fuil do dhortadh?" sin é mí-thaithneamh atá aca san ar a chéile: an ceal ceana: mí-ghrádh. Is ort, a bhaile go bhfuil t'aghaidh ó thuaidh mí-thaithneamh na gréine: ceal soillsighthe. Chuir sé mí-thaithneamh air féin ges gach éinne 'n-a chómharsanacht lé n-a leagacht lé achrann is imreas nár lugha leó an diabhal féin sa deireadh 'ná é: mí-ghean: fuath: fonn a sheachana.

mí-thaithneamhach: *a.* mí-shásamhach, mí-gheanamhail, searbh, mí-áluinn. Ceannaghtha mí-thaithneamhacha air ó rian na bolgaighe: ná fuil áluinn. Táid mí-thaithneamhach dá chéile ó bhí an dlighe throm aca: nílid geal: mí-bhuidheach, neambeannachtach. An lá is fearr ní raibh sé ró-bhreágh ach is mí-thaithneamhaighe anois 'ná riamh é, plucach, dearg, trom, bolgach: is lugha a bheadh leagadh agat lé n-a chlódh. Budh mhí-thaithneamhach uait d'éinne cómharsa nó iasachta drochfhocal do rádh air is gan éinne mí-chuibhe: rud ná taidhbhseóchadh galánta ná blasta. Bhítheas mí-thaithneamhach liom san áit chéadna san, thugas fé ndeara doicheall is mí-fháilte rómham: neamh-lághach: ar chuma ná cuirfeadh aoibhneas ort. Is me a chaith mo lá go mí-thaithneamhach ó éirghe go luighe dhom, me dall amach ag cúirimidhibh na ndaoine eile: go mí-shásta.

mí-thaithnim: (**-thaithnighim**) *b. n-a.* mí-shásuighim. Dá gcuirinn an cnoc úd thall ar an gcnoc so abhfus don nduine do-shásta san do mhí-thaithneóchadh sé leis mar dheineann an uile rud dá néim: mhí-shásóchadh é: ní chuirfeadh gnaoi ná aoibhneas air. Tá sí 'n-a codaibh beaga chómh mór san 'n-a thaobh ná mí-thaithneóchadh faic léi dá ndéanfadh sé: ná cuirfeadh mí-shástacht uirthe. Ní thaithnighir liom ná ní lugha 'ná mhí-thaithnighir liom: táim réadh-chúiseach id thaobh: suim ná imshníomh níl agam id thaobh.

mí-thaom: *f.3.* spreang, casadh olc, garbhghuais. Is é is baoghalaighe ’ná go mbaileóchadh sé leis i mí-thaom aca so a thagas air go n-iompuigheann an taobh geal dá shúilibh amach is cubhrán bán leis: garbhghuais: ríog uathbhásach, obann thinnis. Tháinig mí-thaom uirthe gur thuit sí ’n-a pleist i gceann a cos agus gan húm ná hám aiste ar feadh i bhfad: droch-chasadh obann. Táim an fhaid sin gan aon ghal tobac agus an oiread san dúlach agam ann go dtiocfaidh mí-thaom orm mara bhfaghad aon fhuascailt: ionsaidhe obann dian tinnis. Dia go gcuiridh mí-thaomacha na bliadhna thart: an uile droch-nidh don sláinte.

mí-thap(a): *f.4.* neamh-éascaidheacht, righne lé linn riachtanais, mí-sheól; neamh-choinne. Thángthas orm i mí-thap nár fágadh uain agam Dia do rádh lém anam is bhí an díoghbháil déanta sara raibh eaga corruighthe agam: neamh-choinne: i mbéal na séibe. Budh mhí-ádhmharach an mhí-thap dhom nár chorruigh nuair fógradh orm go rabhas in áit chonntabharthaigh: ceal éascaidheachta, faillighe. Bhain an bás obann mí-thap asam gurbh fhada go dtánag chugham féin uaidh: preab ghránda. Mí-thap tárluighthe thall annsúd, féach an sluagh daoine atá bailighthe ann: cinneamhaint.

mí-thapacht: *b.3.* siléige, righne, tuathalacht, neamhghastacht, cinneamhaint. Is amhlaidh mar tá agat ná fuilir ábalta ar aon rud do láimhseáil i gceart lé mí-thapacht do ghéag: neamh-phrasacht: gan bheith éascaidh (ar an dtairnge) chun friothálaimh san am tráthamhail. A mhí-thapacht ag teicheadh ón uain a bháidh é: gan bheith pras: gan bheith mothálach ar an gconntabhairt ’n-a raibh sé. Chuaidh an uile rud déidheannach an t-earrach so orm lé mí-thapacht: gan suim mar budh cheart do chur i rudaidhibh in am: mí-thapamhlacht.

mí-thapaidh: *a.* mall, righin, neamh-anamamhail, mí-oireamhnach, spaideamhail. Ró-mhí-thapaidh ar bóthar fhada chaithfeadh sé an iomad aimsire: righin, neamh-anamamhail. Más mian leat gan bheith déidheannach bain as do chosaibh é is ná bí mí-thapaidh: neamh-anamamhail. Chlipfeadh sé an croidhe ionat ag feitheamh leis chun a chártaidhe d’imirt, tá sé chómh mí-thapaidh sin: gan aon phreab: siléigeach. Siúd é ná fuil mí-thapaidh fé n-a bhuille: droich-mhianach seadh é. Labhrann sé mí-thapaidh is laiteann san é: ró-mhall. Bhí an breac chómh mí-thapaidh san, ag priocadh is ag giobadh ar mo bhaoite, gur cheapas ná greamóchadh choidhche: mall: neamhfhuinneamhail. Dá fheabhas deabhadh do dheineas, agus ní raibh a thuilleadh ionam, bhíos mós mí-thapaidh dho, bhí sé ann rómham: mall. Buille mí-thapaidh do fuair an rón, ní mór gur bhrath sé in ao’chor é: gan é do bheith tric, luath.

mí-thapaidhean: (**mí-thapaigean**) *f.1.* spaideamhlacht, neamh-éascaidheacht, liostacht, marbhántacht. An mí-thapaidhean do chaill me, dá mbeinn leath chómh pras lé duine eile bheadh an áit fachta agam roim éinne eile: liostacht: neamhchlaon lé corruighe. An mí-thapaidhean d’fhág na daoine gan lón do bheith aca, mar fuaireadar rabhadh in am go mbeadh gannchúis ann: ceal ruda d’fhreatháilt san am chóir. Cuir uait an mí-thapaidhean luathuigh, nó beam in iarraga: marbhántacht. Ó thúis an chluiche go deireadh na scríbe ní haon athrughadh thiocfadh air, an fear donn déidheannach do shíor, níor scar an mí-thapaidhean riamh leis: ceal bheith tráthamhail nuair oirfeadh sé. Ná déin mí-thapaidhean dos na leitreachaibh sin: ná moilligh leó ar aon chuma: friothál in am pé rud atá lé

déanamh leó. Nách é an giolla deacair lé mí-thapaidhean é .i. gan fonn ná fuinneamh bheith pras: mear.

mí-thapamhail: *a.* mall, déidheannach, righin, liosta, marbhánta. Bhí do bhuille mí-thapamhail, bhí sé ar a chosaint féin ort: nuair tugadh é ar an am tráthamhail go raghadh sé i luighe gaibhte. Budh mhí-thapamhail liom mar theachtaire é ar mhuin capaill, chuireas i ngluaisteán é: mall. Féach ar an gclog! – mí-thapamhail choidhche: ag teacht déidheannach do shíor. Ní coingbheófí me mar chabhair ann, me bheith mí-thapamhail ag friotháilt ag an gconntabhairt: ró-mhall. I lár a bhfeaca riamh is é is mí-thapamhla chun freagartha do thabhairt: is righine agus is neamh-anamamhla. Caithfir breis anama do chur ionat féin chun naoscach do lámhach, táir ró-mhí-thapamhail ag caimsiughadh: nílir pras, tric, luath go leór. Chómh mí-thapamhail lé silimide ag dul treasna an bhóthair .i. ná déanfadh a thuilleadh.

mí-thapamhlacht: *b.3.* liostacht, righne, maille, neamh-éascaidheacht. Croidhe an té is foidhnighe do bhrisfeadh sé lé n-a mhí-thapamhlacht: bheifeá liath, glan ó bheith ag feitheamh leis, is gan aon chuma gluaiseachta air: marbhántacht: ceal brighe chun corruighthe. Mo mhí-thapamhlacht féin a dhein dom féin é, dá léiminn i leathtaoibh ní bhuailfeadh an gluaisteán san ó shoin me: cheal an ruda chirt do dhéanamh ar an uain chirt. Mí-thapamhlacht cailleamhaint na gcéadta: gan cinneadh ar rud éigin ar an uain thráthamhail. An dóigh leat ná go bhfuil sé ag dul i neamh-mhí-thapamhlacht? déineann sé rudaidhe anois as mhaoil a bháidhe: ag crothadh na siléige is an neamh-dheimhnightheacht de féin. Mí-thapamhlacht fáis: moill.

mitheachas: *f.1.* faitchíos, scáth, neamh-mheisneach, támáilteacht. Tháinig mitheachas croidhe air nuair hiarradh air labhairt leis an sluagh mór: faitchíos cainnte do chur as. Maran mór an mitheachas atá ort, a leinbh, ná labharfá toisc t'athair do bheith i lathair: támáilteacht: cúthaileacht. Bíonn mitheachas uirthe aon rud do rádh ós cómhair a máthar, ach laistiar di bíonn fuighleach cainnte aice: cúlbhántacht. D'aithnigheas-sa féin nár bh'fhear ar t'fhocal thu, an mitheachas atá ag teacht ort ná raghair ar aghaidh?: lagachar croidhe is meisnigh.

mitheacht: *b.3.* truaillightheacht, claoidhteacht. Níl ionam corruighe, cad dhéanfadh an mhitheacht?: claoidhteacht: traochtacht. Is mór mar chuaidh sé chun mitheachta ná fuil tapa ná treóir anois ann, ní raibh san mar sin mhuis tamall: siar: chun tréigthe. Mara mbeadh mo mhitheacht-sa d'inneósfainn-se rud éigin duit-se, a theallaire, a mhúinfeadh ceacht duit: tnáidhteacht.

mí-theastas: *f.1.* droch-thuairisc, droch-thásc, suainseán, masla, míscéal. Ar an mí-theastas atá tagtha ort i dtaobh díol fiach ní bhfaghfá faic ar do cháirde ar an mbaile seo: tuairisc nách creideamhaint duit. Tugadh mí-theastas ar an múinteóireacht sa scoil go raibh na daltaidhe an-dhall, dá deascaibh gur milleánadh go mór an t-árd-oide: tuairisc ná raibh an múineadh ar fheabhas. Mise atá ag baint codlata na hoidhche dhe san, é ag scaipeadh mí-theastais orm, na droich-bhearta dorcha atá déanta agam i ngan fhios d'éinne: ag cur droch-cháile orm.

mí-theist: *b.2.* droch-ainm, droch-cháil, mí-chlú. Mí-theist chómh mór san ar an éadach a bhíos dhá dhíol ann ná ceannuigheann neach é: gan focal maith ag neach ar a shon. Ní phósfadh aon chailín galánta é tá mí-theist ban air: droch-chlú curtha amach ar 'n-a dtaobh. Ní heól dom neach a fhéadfadh mí-theist do thabhairt air ach gach deagh-theist ag breith bráighe ar a chéile: droich-fhiadhnaise, ach gach nidh níos fearr 'ná a chéile ar a shon. Nuair théigheann mí-theist amach ar dhuine is deacair é do ghlanadh: droch-ainm nó droch-chlú. An oiread san déanta go holc agam ná féadfadh na cáirde budh dlúithe dhom an mhí-theist do chur 'n-a tocht: idir chlú is cáil bailighthe uaim gan filleadh choidhche. Ó chuaidh sé in adhmannas na cuallachta san fiche bliadhain ó shoin focal mí-theasta níl ag éinne dho: achmhusán ná drochthuairisc.

mithid: *b.2.* tráth caothamhail, ionbhaidh. "Mac más mithid!" ars an tseanbhean lé déistinn nuair chuala sí go raibh a leithéid ag mnaoi tar éis bheith mórán bliadhan pósta, is go raibh lúthgháir an domhain 'n-a thaobh .i. agus tá sé in am aice é do bheith aice. Is mithid d'éinne stad tar éis deich n-uaire chluig oibre: bíonn sé in am stad go maith .i. ní féidir a rádh gur seal gearr é. Ghluais sé an uair budh mhithid leis é ach níor ghluais go dtí san: nuair budh mhian leis go raibh sé in am thráthamhail aige. Nách mithid do bás d'fhagháil? is fada ar an saoghal é .i. tá sé in am go maith aige. Gluais más mithid leat: má tuigtear duit go bhfuil in ionbhaidh agat. Nuair is aoirde an scléip is mithid stad di: sin é díreach an t-am ceart. Bhí fuar agam bheith ag feitheamh léd mhithididhibh-se: ag fanacht leat-sa go dtí go mbeadh do chúirimidhe féin déanta agat nó go dtagann do theadh air. Ní mithid liom labhairt fós: tuigtear dom go bhfuil mo dhóthain aimsire agam. Má bhíonn airgead choidhche aige is mithid do é do bheith aige anois: tá oiread aimsire caithte aige is nár bh'aon iongadh é do bheith aige. Budh mhithid liom imtheacht chómh luath is thánag, do mhí-thaithnigh an áit is na daoine chómh mór san liom: budh leór liom a fhaid do bhíos ann. Cuireadh in iúil dom go neambalbh gur mhithid dom do bheith ag cur díom .i. gur bhfearr leó as ná ann me.

mitín: *f.4.* clúdach don láimh, gan chlúdach fé leith do gach méir; leathlaimhne. Mitínidhe leathair, cnotálta, etc.

mí-thoil: *b.3.* leisce, dochma. Lé n-a mhí-thoil do bhuail sé me chun a chirt féin do thabhairt do, mara mbeadh é do bheith ciapuighthe agam b'fhada go gcuirfeadh sé cruisteach orm: go neamhfhonnmhar. Lém mhí-thoil do chuadhas in aonfheacht leó, deineadh an iomad tafanta orm: i gcoinnibh mo thola .i. ní lé fonn é. D'iarraidh me do chur i gcoinnibh mo mhí-thola atáthaoi gan bhreith ann: d'iarraidh me do dhéanamh ruda dem aindeóin. Admhuighim gur lé mí-thoil a chuadhas ar scoil aon lá riamh: i gcoinnibh mo chos: go neamhfhonnmhar. Ní dhéanfá mo thoil ach dhéanfá mo mhí-thoil go maith .i. an rud ná taithneóchadh liom.

mí-thoilteanach: (**mí-thoilteanamhail**) *a.* leisceamhail, dochmamhail, leasc. B'fhearr liom gan tú ghá dhéanamh in ao'chor 'ná tú ghá dhéanamh go mí-thoilteanach: go neamhfhonnmhar. Sid é an capall is iomdha béic is stiall is gábhadh dho sara gcorruigheann sé: gan fonn oibre. Táim an-mhí-thoilteanach an rud so do dhéanamh mar tá sé i gcoinnibh m'aigne, ach gurb é mo dhualgas é: leasc: leisceamhail. Duine mí-

thoilteanach neamh-maitheach, caith uaim é, tairng duine éigin eile chugham: gan aigne aige lé bheith fabhrach.

mí-thoisc: *b.2.* mí-ósbairt, mí-sheól, eachtra mhí-ádhmharach. Mí-thoisc an tsaoghail seo do chlaoidh riamh é ná fuair cao ar a cheann d'árdach ach mar bheadh buailte síos: mí-ádh: slighe rúnda a théigheas dínn do thuigsint. Leagadh d'fhaill é is briseadh a dhá chois, thuit sé de chapall is baineadh an tsúil as, leag gluaisteán é is briseadh géag leis, dá thagairt duit gur iomdha mí-thoisc a thárlaidh do: mí-ádh: eachtra dhonais.

mí-thráth: *f.3.* am mí-cheart, neamh-oireamhnach. Maran b'é mí-thráth dhuit é teacht i bhfeighil oibre um thráthnóna thiar: tráth nó am gan deallramh. Ar mhí-thráth do loirgeas é air mar bhí a thuilleadh eitighthe ar an nóimint roimis sin: uain ná raibh éascaidh. Ná bíodh sé den ndiabhal ort labhairt ar mhí-thráth, bí deimhnightheach go mbeidh cao cheart chainnte agat, gurb í t'uain í: am ná beadh cuibhe ná oireamhnach. Cad eile é ach mí-thráth teacht ar cuaird i midhe mhairbh na hoidhche: am ná fuil caothamhail. Tagair ar an mí-thráth do shíor, níl faic rómhat anois ná go bhfuil árduighthe chun siubhail: deireannach.

mí-thráthamhail: *a.* neamh-chaothamhail, neamh-oireamhnach. Carbhall mí-thráthamhail dob eadh é sin, ní raibh call ná adhbhar leis: canamhain a dubharthas ar am nár ghábhadh é. Thángamair go mí-thráthamhail bhí gach aon rud i leathtaoibh nuair shroicheamair: neamh-oireamhnach. Ní heól d'éinne riamh ar an am ceart é, bíonn sé mí-thráthamhail: roim nó i ndiaidh. Tháinig an taom go mí-thráthamhail air, ní raibh dochtúir ná banaltra tímcheall: ar uain ná raibh cao ar fhreastal cóir air. Tá sé mí-thráthamhail sa bhliadhain dul ar snámh san Abrán: níl an saosúr ceart ann. Buailir an t-iarann te ró-mhí-thráthamhail, beir fada air leis an ngabha: ar an uain oireamhnach nó nuair is mó raghadh sé chun baile.

mí-thráthamhlacht: *b.3.* neamh-oireamhnaighe, maille, deireannaighe, neamh-chaothamhlacht. Cad eile a bhí ann ach mí-thráthamhlacht do dhuine aonair bheith amuigh siar in aosughadh na hoidhche in áit uaignigh: am ná raibh oireamhnach ná cuibhe. Mara mbeadh mí-thráthamhlacht a labhartha is dá gcoimeádadh a theanga 'n-a tost ní chuirfeadh éinne chuige ná uaidh: neamh-chuibhe; neamh-oireamhnaighe: an t-am mí-cheart. Níor bh'fhios duit cathain gheóbhfá san oifig é le n-a mhí-thráthamhlacht: sé a thaithighe gan bheith ann ar aon am airighthe.

mí-threóir: *b.3.* *7* *5.* mí-chumas cuirp nó inntine; ar lár; mí-órdughadh. Sin long atá ar mí-threóir, féach an cómhartha géibhinn atá anáirde aice, teastuigheann cóngamh uaithe: rud éigin bun os cionn léi nách féidir léi leanamhaint ar a triall. Is deacair an gluaisteán céadna do chur ar siubhal, tá mí-threóir éigin ar an inneall: mí-órdughadh: rud éigin ar ceal leis. Chuir an iomad dighe ar mí-threóir é ná feadair sé cá raibh sé ag gabháil: bhain sé dhá chumas cuirp is incheann é. Pé rud a tháinig air, is budh mhaith an clog é, chuirfeadh an rud is lugha ar mí-threóir é: amugha: as ionad. Lé déidheannaighe annsan anois tá sé ag déanamh go maith níl aon mhí-threóir air: cuma is clódh dulta ar aghaidh. Is iomdha san mí-threóir do bhíonn ar an nduine i nganfhios: rud ar ceal leó nách bail dóibh. Bhur ndícheall mór ní chuirfeadh ar mí-threóir mise, táim ró-ghlic díbh: a

chuirfeadh bun os cionn me. Siad na leanbhaidhe iad atá imthighthe ar mí-threóir gan cómhairle ná cabhair athar ná máthar aca: ar an bhfóraoil: gan stiúradh mar oirfeadh dá n-aois is dá laige.

mí-threórach: *a.* gan bhrigh; ar fóraoil, amugha, as bealach. Budh cheart do dhuine éigin féachaint 'n-a dhiadh san, tá sé mí-threórach ó dhigh: níl eólas a bheart aige. Níor bhraitheas riamh cheana chómh mí-threórach is bhraithim tar éis na breóidhtighe seo: fann: gan dúil ná meisneach chun aonnidh orm. Ní fheadar 'on tsaoghal mhór cá bhfuilim mí-threórach ach táim, ar a olcas atá agam dhá dhéanamh: amugha: as an slighe: dí-mbríoghach. Is mí-threóraighe go mór é 'ná mar bhíodh, ní mór an tsuim do chuireann in aonnidh anois, is ní leigfeadh air go n-aithneóchadh sé thu: imthighthe i bhfad si bhfad chun anatais.

mí-thuairm: *b.2.* ceapadh cam, baramhail nó meas ná fuil taobhach. Aonach an-mhaith dob eadh é d'aonach go raibh an oiread san mí-thuairme dho .i. ná raibh súil lé luach ar ainmhidhthibh. Mí-thuairm atá agam ar mo chapall go mbuadhfaidh sé an rás: ní mór é mo bharamhal ná mo mheas air. Maidir liom féin de níl aon bharamhal agam 'n-a thaobh, an olc nó maith é, ach bheith ag éisteacht lé mí-thuairm na ndaoine mar gheall air: an bhreith choitcheann atá tugtha air. Bíonn an mhí-thuairm agat dos gach éinne is do gach nidh dá néid .i. sé bhíonn id cheann gurb olc iad is gurb olc do dhéinid. Cuir mí-thuairmidhe as do cheann, breithnigh an cúrsa mar chídhtear don saoghal mór: na drochamhraistidhe atá agat gan bun leó, scar leó. Ná tabhair breith ar an leabhar go n-osclair é, ná tabhair do mhí-thuairm ar éinne sara mbeidh tástáil agat air: meas ceapuighthe.

mí-thuairmeamhail: *a.* droch-amhrastamhail, droich-mheastamhail. Ní gábhadh dhuit bheith chómh mí-thuairmeamhail 'n-a thaobh, dá mbeadh eólas agat air, fear groidhe seadh é: amhras é bheith olc ar chuma éigin. Lá mí-thuairmeamhail dob eadh é a athruigh ar fheabhas go diail: lá gur saoileadh ná beadh ar fóghnamh. Níor mhaith liom t'aigne mí-thuairmeamhail do bheith agam, gur dóigh leat ná fuil duine ionraic ar an saoghal: droch-amhrastamhail: choidhche gan an ceapadh, an meas ná an aigne ionraic, mhacánta do dhaoinibh.

mí-thuar: *f.1.* cómharthaidhe olc nó mío-ádhmharach roim ré; teagmhas éigin a fhoillsigheas rud lé teacht; fógra rud rómhainn. Mí-thuar seadh thu teacht 'on tigh, is gnáthach gur bruighean do leanann thu: an-dhroch-chómharthaidhe. Mí-thuar an réalt mhongach .i. nuair chídhtear sa spéir é tuiteann droch-rud éigin amach go luath. Mí-thuar ar aon mheithil é .i. cómharthaidhe ná déanfar breis oibre nó go n-imtheóchaidh rud éigin mí-cheart. Mí-thuar ceart seadh an chasachtach san: trúin an-olc drochshláinte. Ar m'eolas níl aon mhí-thuar mná is mó 'ná thu: is lugha do dhéanfadh céile mhaith dhi.

mí-thuaraim: *b.a.* ⁊ *n-a.* fáistinighim, innsim olc roim ré; foillsighim lé droch-chómharthaidhe. Cad mí-thuarann a theacht 'n-ár measc? níor thug sé righe ná rath riamh leis: cad é an mí-ádh nó olc mór do thiocfaidh dá dheascaibh. "A Shéamais", ars an Ponncan liom, "mí-thuarann an réilthín sin cogadh": droch-thrúin é do bheith lé feicsint. Mí-thuarann an léas san lastuaidh gála trom gaoithe mar is gnáthach léi: droch-

chomharthaidhe í a fhoillsigheas gála. Mí-thuar an bhean feasa a bhás fé mhaidean: d'inns an droichscéal roim ré.

miúil: *b.5.* corr-each, síolbhuightear ó stail asail is láir chapaill; focal mí-dheas do mhnaoi. Triúr gan riaghail – bean, miúil is muc. "Mac don asal an mhiúil", deirtear lé duine tuathalach gur dual do do bheith mar sin nó nach féidir d'oileamhaint. Nách iad na miúlacha ban atá deánta dhíobh: mná láidre, acfuinneach. Dá ndéarfá é sin lé miúil bhuailfeadh sí speach ort .i. tá do chuid cainnte chómh hait sin go mbeadh déistinn ar an miúil féin aice dá aineólaighe an teist atá uirthe. Ná tabhair iontaoibh lé miúil dhubh go mbeadh pus bán uirthe! Níl aon truagh aca annsúd duit ach ar nós na miúlach: tú do oibriughadh ó thalamh. Níor mheasa dhuit speach ó mhiúil 'ná stiall dá dhorn: buille fuinneamhail, dochraideach. An t-aindeiseóir bocht, leig do féin, níl ann ach ar nós na miúlach: tuathalach, gan é oireamhnach d'aon rud ach é d'oibriughadh 'sa thiomáint.

mná: *gein. is iol. bean* Níl innte ach bó aonaigh mhná: taidhbhse mná: sin a bhfuil de mhaith innte an teasbánadh dhéanfadh sí. Ní ólann na mná ach imthigheann an deoch mar a mbíonn siad: i nganfhios do chaithid a mbraoinín. "Mná a bhain a mheabhair de", deirtear lé duine go mbíonn éileamh mór aige ortha.

mó: *b.ch.* mór, níos líonmhaire, toirteamhla, go mórmhór. Is tú an fear is mó agam, ar aon rud, ní chlisfinn ort: gur meastamhla me. Is mó agam-sa do ghuth 'ná saidhbhreas dhuine eile: is tábhachtaighe agam-sa tú bheith ag cainnt liom 'ná da mbronnfadh duine eile saidhbhreas orm. Ní mó orm thu 'ná éinne eile .i. níl an meas ná an cion san thar éinne eile agam ort. Is mó agam (orm) lúidín a choise 'ná a gcorp ar fad: is suimeamhla me san rud is lugha ag baint leis. Ní mó bhíos riamh leis 'ná táim anois: muinnteardha. Fuair sé an t-airgead budh mhó ar an margadh: dob aoirde. B'shin iad na daoine budh mhó annso tamall maidir lé talamh, maoin is cáil: budh chéimeamhla is budh thábhachtaighe. Budh mhó aca a chéile 'ná aon bhuachaill is cailín san áit: budh cheanamhla ar a chéile. Cé agaibh is mó lé rádh?: is tábhachtaighe. Is mó an t-airgead atá ar earraidhibh anois ná roimis an gcogadh: is daoire gach rud. Ní fheadar cad tá aige ach mo thuairm gur mó an ainm ná an áirighthe: an méid adeirtear do bheith aige gurb aoirde go mór 'ná. Ní mó agam (liom) duine aca 'ná a chéile: cóimheas atá agam ortha. Budh sheacht mhó leis go bhfuair sé mar bhronntas uait-se é 'ná ó neach eile: budh mhórdhála. Céaca is mó ceann?: an té go bhfuil an ceann is toirteamhla air. An té is mó cainnt is lugha inchinn: go mbíonn breis chainnte ar siubhal aige. "An bhfuil sé an dathad?" – "ní mó 'ná san é": ní mór na bliadhanta os a chionn é. Ní mó 'ná an girrfhiadh do chuirfeadh an fál san de: b'fhéidir go ndéanfadh san ach sin uile. Ní mó 'ná stuidéartha a bhís do chuala, nách mór an náire dhuit é: má bhís stuidéartha sin a bhféadfá maoidheamh as. Faic eile níos mó ní dhéanfaidh sé d'éinne, tá stailc curtha suas aige: feasta. Ní mó 'ná mar thaithnighir liom ar an slighe atáir ag tabhairt aithise dos gach éinne: is ar éigean atá meas agam ort 'n-a thaobh. Cé go mbím ar mo dhícheall, ní mó 'ná buidheach do bítear díom: níl ach a rádh go mbítear sásta liom. Táim mó (mós) lag d'obair throm anois: is ar mo laige chun a déanta. Tá an poll mós docht don ndola toisc é do bheith chómh reamhar san: ró-chumhang ádhbhar éigin chun a dhulta isteach ann. Mós meastamhail air féin chun luighe lé n-ár gcuideachtain-ne: de adhbhar éigin. Is móide mo mheas ort riamh ó shoin gur fhanais id thost ná labhairt: mar gheall air mhéaduigh mo mheas ort. Ní móide

go dtiocfaidh sé is ná fuil sé annso anois: ní hinmheasta. An móide thu cruisteach do dhéanamh ar dhuine neamhchionntach: an fearrde thu é?: an bhfuilir aon phioc níos fearr ar aon tslighe? Níl dá fhaid a bheir ag tabhairt do nách móide a ghotha ort: dá mhéid a gheóbhaidh beidh an bhreis uaidh. Dá mhéid na gothaidhe atá agat ní móide an ceart agat 'ná an mí-cheart: tá sé díreach chómh deallramhtach gan an ceart do bheith agat.

moch: *a.* luath ar maidin. Tair moch gan bheith ró-mhoch: cuibheasach luath ar maidin. An té go mbíonn ar bheith moch ní misde dho dul a chodladh luath. Nách moch an t-éan an fhuiseóg, chloisfeá lé fuinneógaibh an lae í: éan a bhíos 'n-a suidhe go luath. Ag obair go moch mall atá sé riamh: ó thúis go deireadh lae: do shíor. Céagaibh is moiche a bhí 'n-a shuidhe?: budh thúisce. Deineann gach moch a ghnóth: an té is túisce amuigh ag soláthar is é an fear é. Téighir go dtín aifreann moch .i. an chéad aifreann. Bíonn sé sa gort lé moch na maidne: an-luath ar maidin. D'éirigheas i moch na maidne sara raibh gal in aon tigh sa cheanntar: i bhfíor-thosach lae. An fhuiseóg mhoch: a bhíos 'n-a suidhe roim nó lé linn an lae. "...gidh b'é air a bhfuil umhan nó eagla filleadh sé agus imthigheadh go moch ó shliabh Giléad etc." (Breith. VII. 3).

mochaidheacht: (**moichidheacht**) *b.3.* mochóirghe; éirghe go luath ar maidin. Ní maith í an mhochaidheacht do leanbhaidhibh: éirghe i bhfad roim cheart. Dá mhochaidheacht do bhím im shuidhe, lé céad ghiolc an ghealbhain bíonn daoine níos moiche 'ná me: dá luaithe bhím im shuidhe.

mochóir: *f.3.* duine a éirigheas moch, mochóirghe. Mochóir maith a bhéarfadh sa leabaidh orm aon mhaidean: duine ná beadh tugtha do chodladh. Mochóir maith seadh an fhuiseóg .i. bíonn sí 'n-a suidhe go luath.

mochóirighe: *b.4.* éirghe moch nó duine a éirgheas go moch. Beireann mochóirighe an domhain orainn san earrach is sa tsamhradh chun ba do chrudhadh i gcóir tighe an uachtair .i. bíonn orainn bheith 'n-ár suidhe go luath pras. Ní mór an codladh do dheinis-se indiugh ná indé, tá an mhochóirighe id shúilibh fós: rian an tsuain. Mochóirighe maith a bhéarfadh sa leabaidh aon mhaidean air bíonn sé aiste chómh luath san: duine gur ghnáth leis bheith 'n-a shuidhe roim nó tímcheall gealadh lae. An té go dtéigheann teist na mochóirighe amach air ní cás do codladh go headarshuth: an té go mbíonn a ainm anáirde lé rud is cuma cad dhéanfaidh, ní creidfí a mhalairt 'n-a thaobh. Béal mór ón mochóirighe is ní mó é ná an síor-chodladh: is gnáthach mianfadhach ghá leanamhaint.

módh: *f.3.* béas, comar, meas, onóir, cuma, aiste. Aon athrughadh níl tagtha air, is ní thiocfaidh choidhche, an módh céadna: an clódh: an chuma: an aiste. Ní hé an módh céadna oibre atá ag an mbeirt in ao'chor: an tslighe. Connus thairng sé é féin as an bpoll conntabharthach úd? ar mhódh draoidheachtamhail éigin nár thuig éinne: cuma. Ní maith ná ní direach na módhanna atá fé, is leis tuiteam dá ndruim: slighthe. Ná beifeá ar mhódh na coda eile, nách mór an fonn atá ort bheith bun os cionn leo: mar iad: dá réir. Fágadh mise sa bhaile ar mhódh go mbeinn mar chabhair tímcheall an tighe ó bhí a bhfurmhór imthighthe ar an rás: ionnas: i slighe agus go etc. Chaithfeadh sé bheith corr, ní leigfeadh an éagconntacht do bheith ar mhódh gach éinne: ar nós etc. Na módhanna nuadha hataidhe ban atá sa tsiopa is iad sugh an bhaile mhóir iad: an t-eiligean nó an déanamh atá

i ngnáthas. Budh chuma leis céaca, ach é do dhéanamh ar mhódh ar bith is do bheith réidh leis: ar aon chuma in ao'chor.

modhamhail: (**módhamhail**) *a.* béasach, lághach, cneasta, so-labhartha. Bíonn sí modhamhail leis gach éinne, árd is íseal, an déanamh céadna don mbacach is don rí: cneasta, lághach. Is annamh do chuala cailín ag labhairt chomh modhamhail léi, chómh mín is chómh cneasta: béasach. Bean mhiochair, mhodhamhail gan focal ná gníomh goirgeach: so-labhartha, deaghmhúinte. Dá fheabhas í is dá mhéid atá déanta aice ar son na mbocht bean mhodhamhail gan ghlór í: umhal, neamhbladhgarach.

modhamhaileacht: (**módhamhaileacht, modhamhlacht, módhamhlacht**) *b.3.* deagh-bhéasacht, deagh-mhúineadh, cneastacht, umhalaidheacht. Modhamhaileacht ar fad seadh é; níor airigh neach riamh ag maoidheamh as a thréithibh é: umhalaidheacht: ceal éirghe anáirde. Dá mhéid an spochaireacht 'san gríosadh do deineadh air, lé modhamhaileacht an fhir d'fhan sé 'n-a thost: béasamhlacht. Gheobhair modhamhaileacht annso má cheapair do shuaimhneas ar nós duine uasail, ach goirgeacht mara gceapair: cneastacht chainnte agus deaghdhéanamh.

modar-: *i gcfhbh.* dorcha, salach, doiléir, smúiteamhail. Oidhche mhodar-dhorcha gur bh'fhuraiste éalódh ar an namhaid mara mbeadh an-aireach: smúiteamhail, nár dheacair dul ar scáth ruda. De cheal an radhairc ní bhíonn aon mheabhrughadh ionam sa modar-dhoircheacht: doircheacht ná bíonn ró-throm ar fad. Oidhche modar-ghealaighe ná feicfeá ró-fhada ó bhaile uaireannta .i. go raibh smúit ar an ngealaigh. Oidhche bhreágh, gheal dob eadh í nar dheacair talamh do bhaint amach, mara mbeadh an modar-cheódh a thuit: ceódh a thug cuma dhorcha ar an spéir. Oidhche mhodar-cheódhach nár lán-fhuraiste treóir do dhéanamh: dorcha, doiléir.

modartha: *a.* dorcha, salach, smúiteamhanta, doiléir, smeartha, tréig-dhoithte. In uisce modartha is fearr do bhéarfadh an breac, chídheann sé a mharbhthóir ró-shoiléir in uisce glan: salach, draoibeach. Oidhche ró-mhodartha dhuit chun gluaiste ar bhóthar fhada, fan go lá: dorcha, salach (fliuch). An aghaidh mhodartha atá uirthe! nuair bhí sí sin óg bhí sí taithneamhach, geanamhail: dorcha, duairc. 'n-a goire ná 'n-a gaobhar níor mhaith liom dul, tá gné ró-mhodartha uirthe: daibhceach: coimhtheach: "dubh". Spéir ró-mhodartha dom thuairm-se seadh í chun dul i dtreis dul ró-fhada ó thalamh: néallach, scamallach, smúiteamhail. Cad chuir an dath modartha so ar an mbainne? an amhlaidh nár nigheadh an t-árus: teimhealuighthe: síog shalach tríd: smeartha. Cad n-a thaobh an clódh modartha so ort? an bhfuil aon chúis duaircis agat?: gruamach; neamhshubháilceach.

modarthacht: *b.3.* doircheacht, doiléireacht, smúiteamhantacht, scamallacht, neamh-shoilbhreacht, gruamdhacht, coimhtheacht. Níl puinn fáis san aimsir seo, tá an iomarca modarthachta sa spéir: tiugh-scamallacht. Ní fada síos uait do chídhfeá san uisce sin lé n-a mhodarthacht: doiléireacht. Is annamh lá den mbliadhain ná bíonn modarthacht ar bharr an chnuic sin: smuiteamhantacht: ceal soiléire trí scamallaibh do bheith 'n-a thímcheall. Modarthacht éigin air i gcómhnaidhe ná féadfadh duine focal cainnte do labhairt leis: gruamdhacht. An ó dhúthchas an mhodarthacht san 'n-a ghné?: an chuma neamh-shubháilceach, choimhtheach.

módhmhairéis: *b.2.* lúthghair, meidhréis, corruighe croidhe. Chuir sé módhmhairéis air gur bhuaidh sé duais chómh luachmhar léi, níor stad sé dá innsint dos na daoinibh: lúthgháir. Cuireann sé módhmhairéis orm bheith ró-mhaith dhuit d'aindeóin an mheasa atá agat ort féin: corruighe croidhe lé háthas. Cad é módhmhairéis ná raibh air nuair chualaidh sé gur athair é: sceitimínidhe áthais.

módhmhairéiseach: *a.* áthastamhail, meidhréiseach, girréiseach. Níor mhódhmhairéisighe me dá mb'fhiú na céadta me ná a chlos gur mhairis tríd an gcath: áthastamhla. Duine sultmhar, socair réidh é, ní deacair croidhe módhmhairéiseach do thabhairt do: croidhe bheadh ar léimrigh lé háthas. Ní hiongadh dhuit, ambaist, do bheith módhmhairéiseach tar éis do sheachtmhaine is an sparán airgid atá déanta agat: do chroidhe do bheith tógtha is tú ag léimeadh as do chorp lé háthas.

módhmhar(ach): *a.* cneasta, módhamhail, girréiseach, mórdhálach, ríogach. Níl aon rud ná go bhfuil sé chómh módhmharach leis tú do bheith ar stiúir báid is í fé lántseól: ríogach: scleóndrach: do bheith ar cipínidhibh lé corruighe: múscalthach. Is módhmharach na hataidhe ban iad san: déanamh slachtmhar ortha. Níor bh'eól dom aon bhean budh mhódhmharaighe siubhal 'ná í: is seólta ghluaiseadh 'ná í. Táir ag cur chuige go módhmharach: go cuibhe: ar chuma go bhfuilir lán d'amhras asat féin go n-éireóchaidh leat. Tighthe módhmharach ar fad atá tógtha sa cheanntar úd mar a gcómhnuigheann luacht an tsaidhbhris: teiligean breágh, slachtmhar ortha. Éinín módhmharach seadh an spiodóigín .i. go bhfuil cuma thóstalach uirthe.

mogha: *f.4.* daor, lábánach. "Ná neartuigh mogha" .i. ná tabhair céim do ar eagla mar nách dual do an uaisleacht ná hiomcharóchadh é féin: má tugtar breis dá cheann d'íochtarán is móide gan é do bheith chómh dílis, dúthrachtach.

mogall: *f.1.* an scar idir snáithínidhibh lín, crotal, cochall, cáithleach, faighneóg, méar dhubh aibidh, an chuid chruinn den súil ón ngealas isteach. "Focail mhóra atá agat is mogaill fholamha": tú ag maoidheamh is gan faic dhá dhéanamh agat: gan aon ghráinne etc. Mogall ró-mhion ar an líon, ní bhéarfadh ar an iasc reamhar atá anois ann: na "garraidhthe" oscailte idir an snáthach. Breac i ngach mogall!: mórán mór éisc. Tá ag tuiteam dá mhogaill sin: ar tí ar barrghail, aibidh chun ruda do dhéanamh: lánfhéicheamhanta. Méara dearga is mogaill .i. na ceannaidheacha dubha lán-aibidh. Connus raghainn ag iascach is gan mogall agam: aon tsaghas lín. Slios-mhogall: suaithne: an snáthach a cuirtear le bonn nó ciumhais lín chun a neartuighthe. Subh mogall: mogaill bhrúighte, siúicre is uachtar ortha lé n-a n-ithe. Mar bheadh cáithne i mogall a shúl: idir an gealas is an mac imrisc. Dá n-osclófá na mogaill b'fhéidir go bhfeicfeá rud éigin: na súile móra san agat. Ar feadh laetheannta a sheachanta ní íosfaidh sé aonnidh do ghnídhtear de chrann na fíneamhna ón sceallán go nuige an mogall: .i. ón síol amach go dtín clúdach. Déarfainn ná beadh aon cheal radhairc air, go bhfuil sé mogall-shúileach go leór: mór-shúileach: bolg-shúileach.

mogallach: *a.* go mogallaibh, lán de mhogallaibh, de chochall, de tharpánaibh, d'fhaighneógaibh, bolg-shúileach, triopallach, smúiteamhanta. Líon fairsing-mhogallach

é sin don iasc mion atá ann: an eaga idir an snáthach ró-mhor. Líon mion-mhogallach: na scaranna, "garraidhthe" an-bheag. Súile móra, mogallacha aige: bolg-shúile. Oidhche mharbh mhogallach go raibh ceódhbharán báistighe ón bhfarraige: trom, dorcha. Folt muirearach mogallach uirthe gur dheacair a chíoradh: bacalach.

mogallóir: *f.3.* caighdeán, tómhas chun faid an áirighthe sin mogall idir gach aon dá shnaidhm den mbraighdín (ar an dtéid) ag gabháil lín.

mogalluighim: *b.a. 7 n-a.* cuirim nó téighim in achrann. Mara seachnuighir thú féin ortha mogallóchaidh siad thú, táid ag faire ort: béarfaid'n-a líon ort. Bhí an t-iasc ró-reamhar is ní mhogallóchadh aon bhreac sa líon: ní raghadh in achrann: ní cheanglóchadh ann. Beir riamh is choidhche ag teangmháil leis na daoinibh sin go mogallóchair tú féin 'n-a gcúirimidhibh is nách fearrde thu é: go raghair 'n-a dtreis: in achrann ná féadfair thú féin d'fhuascailt as. Mogalluigh an chuil i nidh an damháin alla: ghreamuigh sí sa téadaibh. Mogallócham fós é dá airighe tá sé air féin: béarfam greim air nách é a mhian é.

mogalluighthe: *a.r.* dulta in achrann, greamuighthe (i líon); gabhtha. Táir mogalluighthe aice anois, a bhuachaill .i. táir mar chéile aice. Fuairtheas a corpán mogalluighthe i ndeireadh an lín: casta, greamuighthe. Iasc dá mhine ní raghadh mogalluighthe san líon san: greamuighthe. Chómh mogalluighthe sin i gcúrsaidhibh ná feadar céaca go dtabharfainn fé me féin d'fhuascailt as: greamuighthe: casta in achrann.

moiche: *b.4.* (**moicheacht**) luaithe, roim an ngnáth-am, túis maidne nó lae. Ná bíodh eagla ort go dtiocfaidh moiche leis an bhfear so .i. go n-éireóchadh ró-luath ar maidin. Bíonn an mí-fhoirtiún air lé n-a mhoiche d'éirigheann sé: i bhfad 'si bhfad roim an ngnáth-am. Budh dheacair d'éinne an ball do chur air siúd is a mhoiche bhíonn 'n-a shuidhe: a luaithe: le linn, tar éis go grod, nó roim lóchtainte. Bíodh a bhuidheachas aige ar a mhoiche d'éirigh sé is go raibh a chuid ainmhidhthe bailighthe aige leis as an bhfoghail. Tháinig sé ar saothar ar moiche na maidine, ná feadar cad í an ghéibhinn a bhuail é: chómh luath san go raibh iongadh orm. Déin moiche ambáireach, tá bóthar fada rómhat: éirigh go moch. Moiche is maille saothair a chlaoidh an croidhe ann: go luath ag tosnughadh, déidheannach ag scur.

móid: *b.2.* geallamhaint shollamhanta, dearbhadh láidir. Thugas mo mhóide ná beadh aon bhaint agam leó choidhche airís ar ar bhruiceas leo: dhearbhuigheas, dubhart rud éigin mar, "i láthair Dé, etc.", "marbh go rabhad, etc.", "bás obann go bhfaghad, etc.", go raibh deireadh agam leó. Móid phósta: an gheallamhaint do tugtar i láthair Dé cóimhlíonadh dualgais áirighthe. Móid na haonta: dul fé gan pósadh. Dom briathar móide, mhuis, ná himtheóchaidh sé chómh saor agus is dóigh leis é .i. thabharfainn-se an leabhar go mb'fhéidir nách mar síltear a bíthear aige. Leabhartha is móide is minic aige iad go dtabharfadh sé suas an ól, ach ní chóimhlíonann iad: go béal-láidir ag geallamhaint go raibh deireadh aige. Ar mhóid mo leabhar gurb í an fhírinne atá agam: ar gheallamhaint stuamdha mar bheadh dá mbeinn ag tógaint Dé mar fhíné. Ní chreidfinn do mhóid air ná gurb éitheach atá agat: do leabhar. Gan mhagadh gan mhóid sin í an fhírinne ghlan agat: i ndáiríribh cheart. Thug sé a mhionn 'sa mhóid dá scaoiltí leis an turus san ná feicfí sa chúirt choidhche airís é: an leabhar is geallamhaint láidir. "Mise Dia Bheithil, áit ar

ungaidh tusa an uaithne agus mar ar mhóidigh tú móid dom-sa, anois éirigh, fág an tír seo amach agus fill go tír do ghaoil" (Gen. XXXI. 13): geallamhaint do Dhia maith do dhéanamh 'n-a dhiaidh so. "Má bheir bean mar an gcéadna móid don tighearna agus í féin do cheangal i mbanna i dtigh a hathar 'n-a hóige" (Uibh. XXX. 3): geallamhaint a chóimhlíonfadh sí.

móid-ghealladh: *f.* (*-llta*) geallamhaint dhearbhtha. Gach uair, dá mbuaileadh dathad uair ist ló liom, bheadh sé ag móid-ghealladh go ndéanfadh sé so súd: ghá gheallamhaint go láidir. Ag móid-ghealladh gach rud duit is gan é ag scaramhaint lé aon rud: ar a anam is ar a choguas is ar a shláinte cad ná déanfadh sé. Bris do mhóid-ghealladh is beidh peaca marbhthach ort: do gheallamhaint ar an leabhar.

móidighim: *b.a.* dearbhuighim, leabhruighim, suidhim go láidir. Mhóidigheas leis an bhfear san fadó riamh: thugas suas a chuideachta. Móidigh lé digh: fan uaithe. Móidighim duit ar m'fhocal ná dubhart an rud atá curtha im leith: dearbhuighthe go láidir: tugaim briathar fir duit air. "Móidighidh agus cóimhlíonaidh don Tighearna bhur nDia, tugaidís gach a bhfuil 'n-a thímcheall tiodhlacadh chuige-sean, roimhe ar dual do bheith faitcheach" (Sailm LXXVI. 11). Mhóidigh sé dhom go raibh deireadh ghá dhéanamh go raibh sé tuirseach de is gan bladh ná buidheachas air mar gheall air: thug sé a bhriathar chómh dearbhtha is b'fhéidir leis: i ndáiríribh cheart. Ar móidigheadh na fínidhthe fós?: ar cuireadh ar a leabhar iad?: ar dearbhuigheadh iad? Mhóidigheas go mbeadh a anam agam: thógas Dia mar fhíné air. Is minic do mhóidigh sé an t-éitheach: a thóg sé Dia mar fhíné go raibh an fhírinne aige nuair b'eól do ná raibh ach a mhalairt ar fad. Cé mhóideóchadh ná beadh saoghal fada aige ar an gcrot sláinteamhail a bhí air?: cé hé a dhéanfadh áiteamh láidir 'n-a choinnibh.

móidighthe: *a.r.* dearbhtha, tiomnuighthe, leabhruighthe; suidhte ar mhionn, is Dia mar fhíné. Tá sé móidighthe gan dul i ngoire na háite go bráthach airís: dearbhtha: geallamhaint láidir tugtha aige: mí-ádh éigin éighte i mullach an chinn aige air féin má théigheann siar ar a fhocal. "Bíodh gal agat" – "táim móidighthe!" .i. ní bhainfinn leis. Thug sé a fhocal móidighthe dhom go mbeadh sé i ngach beárnain ar ár dtaoibh: dearbhuighthe: maidir lé cainnt de, ní fhéadfadh sé a shuidheamh níos déine. Bhíodar súd móidighthe Éire d'fhóghnamh: tiomnuighthe: a n-aigne leagtha suidhte aca go láidir air.

móidiughadh: *f.* (*-uighthe*) dearbhadh, tiomnughadh; do thabhairt geallamhna láidre. B'é an diabhal féin é agus a mhóidiughadh dhom ná beadh aon easbhaidh aon ruda orm a theastóchadh uaim, is gan faic fachta agam ach ocras is gannchar: a dhearbhadh: do thabhairt a bhriathair go daingean, láidir. Ag móidiughadh chun Dé nuair bhí an greim air go n-athróchadh sé a bheatha dá bhfaghadh sé cao eile: ghá gheallamhaint chómh stuamdha eaglach is bhí 'n-a chreat.

moiglidhe: *a. n-dh.* caoin, cneasta, maoith, séimh, cineálta, bog. Tá sí chómh moiglidhe sin is gur dhóigh leat gur thug sí a saoghal i gcoláisde a dheiseacht is a mhíne labhrann sí: béasach. Aimsir mhoiglidhe ón bhfarraige seadh í go bhfuil fás innte: breágh, bog, torthamhail. Bean dá ngeóbhfá isteach chúiche a bheadh chómh moiglidhe leat agus

bheadh do dhribhshiúr, a dhéanfad aonnidh dhuit, a thabharfadh aonnidh dhuit: séimh: cneasta, caoin.

moill: *b.2.* siléige, cosc, toirmeasc. Ná beireadh aon mhoill ort nó beir déidheannach: aon rud a chuirfeadh siléig ort. Ní raibh moill nóiminte air!: d'éag sé ar an dtoirt is é 'n-a bheatha sláinte. Ná bí ag cur moille orm, ach gluais má táir lé teacht: ag déanamh siléige dhom: ghom chongbháil óm chúram nó óm thoisc. Cuir moill ort féin go fóill, b'fhéidir ná beadh sé i bhfad: cuir do ghluaiseacht ar gcúl. "Moill le linn deabhaidh", deirtear nuair bhíonn an iomad fotharaga ann is go dtárluigheann rud éigin a choisceas é. "An bhfeadfá céad púnt do thabhairt dom?" – "is orm is giorra an mhoill!": go bog, gan aon duadh, é agam agus an fonn orm. Níor mhoill ar an droichmhianach úd thú do bhualadh .i. ní chuimhneochadh sé an dara huair air. Mar gheall ar an méid moille do thógfadh sé (do chuirfeadh sé orm) ní fiú biorán is é: an eaga choingbheóchadh chun deiridh me. Ní raibh aon mhoill aithne orm go raibh fonn mo choidrimh ortha .i. connacthas dom go tapaidh sin. Cad n-a thaobh gur cuireadh moill ar mo chuid airgid, gur coimeádadh dhá lá breise uaim é: nár tugadh dom i dtráth é. Ní moill faobhar .i. ní cur siar ar dhuine fanacht lé faobhar do chur ar a úirlis ach luathughadh. Ní moill ar dhuine a chuid bídh: is sia raghaidh sé agus is buaine é dá bharr. "Nách geairrid an mhoill a bhí air", deirtear lé duine a gheibheas bás gan bheith i bhfad breóidhte. Budh ró-ghearr an mhoill orm a thón do thabhairt anáirde: ní fada bheinn ghá ól. "Ar bhfagháil scéil dos na deisciobalaibh go raibh Peadar annsan do chuireadar dís fhear chuige dá iarraidh air gan moill do dhéanamh lé teacht chúcha" (Gníomhartha IX. 38): gan siléig: gan righneas do dhéanamh. Bíonn an mhoill ar tí an deabhaidh .i. nuair is mó a bheadh deithneas ar dhuine thárlochadh rud éigin do a bhainfeadh dá fhuadar. Ag tabhairt moille it anam: gan aithrighe do dhéanamh in ullmhúcht. Moill ar do láimh!: stad! fóill! Beidh lá moille ar an leitir toisc an lae shaoire. Ní fhóghnann moill don ngalar so, is cóir a fhriotháilt ar an dtoirt: ní oirfeadh do faillighe do thabhairt ann. Rug moill orm ag feitheamh lé freagra, mara mbeadh san is fadó bheinn tagtha: tháinig rud treasna orm do choisc me. Moill leathuairín ní bheidh orm: bead réidh láithreach. Nílim chun aon mhoille do dhéanamh leis an leabhar nuair bheidh sé léighthe agam: a thúisce díreach fillfead é.

moille: *b.4.* siléig, righneas, déidheannaighe, fadáltacht. An mhoille go léir a bhí ag gabháil tríom, faid gach 'nfhaid ag feitheamh leis is gan é ag teacht orm: righneas: fadálacht. An mhoille chéadna bhearfadh ort pé slighe chuirfeá chun a dhéanta: an coimeád ar gcúl. Pé rud atá lé déanamh déintear anois é, is ná bítear ag feitheamh lé moille an lae chuige: deireannaighe. Níor mhór dom árd-sholas ar fad do bheith agam chun léightheóireacht, tá an mhoille radhairc(e) ag gabháil díom: caoicheacht: radharc ar call. Níl aon mhoille teangan air, ní fada bheadh ort bheith ag feitheamh lé freagra uaidh: fadálacht, righne trí neamhphrasacht. Budh dheacair dúinn do bheith níos túisce, cad deirir le moille an chapaill toisc an mhór-ualaigh: a bheith tamall fada ar an slighe. A mhoille ag díriughadh an ghunna budh bhun lé n-a theipeadh: an tamall fada do thóg sé uaidh. Caithfear eaga freagartha do thabhairt do san, tá moille incheann ag cur air: neamh-éascaidheacht: neamh-phrasacht rud do thuigsint. Ní hé moille na tíre ag dul fé orm atá ag teacht linn ach ceal ár ndóthana airm: gan bheith i ndán gluaiseacht go mear nó beart do dhéanamh pras go leór. "Nách fada atá sé is an deabhadh atá leis" – "is ar a mhoille" .i. tá sé mós leasc, righin. Ní mór go dtabharfá fé ndeara an abha lé n-a moille:

mairbheacht reatha. Moille seadh armáil do bhreith treasna cnoc is droichead briste: cosc ar dheabhadh.

moilleacht: *b.3.* righneacht, fadáltacht, liostacht, leadaránacht. Is mór go léir an mhoilleacht atá air ag teacht suas ón dtaom san: é an-leadaránach ar fad. Ní hé moilleacht an bháid ar fad budh mheasa leis ach a neamh-shábháltacht: an fhaid a bhíodh sí ag cur áirighthe slighe dhi in áirighthe aimsire. Lém mhoilleacht oibre cuireadh abhaile me: a luighead a bhíos ábalta ar a dhéanamh in aimsir áirighthe. Cuiridh uaibh an mhoilleacht, is mithid bheith ag gluaiseacht: leadaránacht. B'fhada leó a mhoilleacht a bhí an teachtaire is cuadhthas 'n-a choinnibh: tamall mór thar an ngnáth-aimsir gan filleadh. Ag dul i moilleacht leis an aois: i neamhéascaidheacht. Ó bhliadhain bliadhain tá an churadóireacht ag dul i moilleacht: síolta dhá chur níos déidheannaighe sa tsaosúr.

moilleadóir: *f.3.* leadránaidhe, leadaidhe. Ná bíodh aon tsúil agat leis an moilleadóir sin chómh luath so, is fada go dtiocfaidh a theadh san ar theacht abhaile: duine leasc: fuairthé ar bóthar. Táthar ag gearán ortha so a théigheas ar stailc oibre i muiltibh lóin chogaidh gur moilleadóiridhe iad lé n-a dtoil: dream atá ag coimeád na hoibre ar gcúl.

moilleadóireacht: *b.3.* do dhéanamh moille, siléige, leadráin, etc. Níl aon ghnóth ag moilleadóireacht againn, tá cúrsa fada rómhainn agus gan flúirse aimsire againn: ag déanamh siléige: bheith ag cnúbhán. Ar mhoilleadóireacht níl do mháighistir annso: ríghneadóireacht: mall, mí-thapaidh chun gluaiseachta. Ag moilleadóireacht ataoi anois, is fuirist aithint gurbh fhéidir leat a thuilleadh deabhaidh do dhéanamh: ag fanacht siar go toilteanach.

moillighim: *b.a.* $_7$ *n-a.* cuirim ar gcúl; staonaim; cuirim ar cáirde, athlá. Bheinn annso i bhfad níos túisce mara mbeadh gur mhoilligh déidheannaighe na traenach me: choimeád me gan dul ar aghaidh. Moilligh ar do láimh, ná buail: staon í. Is í an droch-aimsir seo a mhoilleóchaidh an churadóireacht: a choingbheóchaidh na síolta gan fás. Moilligheadh an chúis go dtiocfadh fínidhthe áirighthe: cuireadh siar ar feadh tamaill í. Sluagh a mhoilligh an namhaid faid bhí sluagh mór ag cúladh ó fhód an chatha: a choisc iad ar dhul ar aghaidh. "Nár mhoillighidh Dia an chabhair air", deirtear le duine go mbíonn tinneas nó iomard air. Moilligh léd láimh, táir ag tarrac ró-theann: staon uirthe: maoluigh do neart. Is amhlaidh do mhoilleóchair is do mhoilleóchair má leanair ag cainnt leis gach éinne: righneóchair: raghair chun siléige ar fad. Choidhche ná moilligh an mhaith: ná tair choidhche idir a déanamh.

moillighthe: *a.r.* staontha, coiscighthe, fóillighthe, curtha ó chríochnughadh. Obair mhoillighthe seadh í de cheal adhbhair is fearaistidhe, ní raghfar chun cinn ar feadh tamaill léi: curtha ar gcúl. Is ró-fhada lé fear moillighthe é: a bhíos dhá choimeád ar gcúl dá aindeóin. Seo leitir mhoillighthe, d'oscail an cinnsire í: go rug stródh uirthe. Ars an giúistís, "glaodhfad na cáiseanna moillighthe ar dtúis" iad súd a bhí curtha ar athlá ó chúirt roimhe sin.

moilliughadh: *f.* (*-uighthe*) cur ar gcúl, ar athlá, siléig do dhéanamh, do staonadh. Bheith ag cainnt liom bheith ghom mhoilliughadh: gan chosc ar dhul ar aghaidh. Ní fheadar cad

é an mhoill, fada nó gearra, a bheidh ort ach beidh moilliughadh ort: ní leigfear chun cinn thu. Iad ag gearán go bhfuil ceal adhbhair ag moilliughadh an tsoláthair cogaidh: ghá choimeád mall, siar. Níl ann ach bheith ag moilliughadh an lae, bheith d'iarraidh tástáil eile do bheith ar an gcás, a chrochadh déanfar: ghá chur ar an méir fhada. Ná bí ag moilliughadh an lae orm, cuir uaim do chuid cainnte is scaoil chun bóthair me: ag ciorrbhadh: ag meilt.

moiltín: *f.4.* molt beag. Nách é an moiltín é .i. garsún beag dingthe, téagartha.

móimint: *b.2.* seal gearra aimsire, am áirighthe, am tráthamhail. Fan móimint!: fóill! Leath móiminte anois is bead réidh: leathuairín bheag. I gceann móiminte bead ort: go grod. Móimint ní raibh sé lé feicsint: ní raibh ach a rádh go bhfeacthas é. B'fhéidir go bhfuil na mílte ghá mharbhadh ar an móimint seo: ar an uain seo. Bíonn sé ann go dtín móimint: go tráthamhail. Móimint eile is bhíos caillte: tamaillín beag. Bhuailfeadh an gliogaire sin ar an móimint duine: ar an dtoirt.

móin: *b.3.* fód d'uachtar na talmhan a ghníos teine. Thugas lá móna dho: lá in aisce ag obair uirthe. Portach, cruach, réal, cnochaire, stualaine, pota móna. Isleán móna: an oiread di agus bhainfeadh foireann isleáin. Móin fhuinte (fhuite): móin a ceaptar as bhruscar móna d'fhliuchadh is do shuathadh. Tá airgead dhá chaitheamh ar nós na móna aige: go flúirseach. Lá móna teine bliadhna. Ní mór go bhféachfadh éinne siar ar an iasc indiugh, tá sé 'n-a bréan-mhóin ann: ró-iomadamhail.

móinfhéar: *f.1.* gort cosanta i gcóir féir tirim; féar fada, árd, tiugh; talamh íseal ar bhruach abhann. Ar mh'anam go bhfuil agat táir i móinfhéar!: in áit go bhfuilir ag déanamh ar fheabhas.

móinín: *f.4.* tailimhín sléibhe; ceapach beag, rinnce. Móinínidhe go raibh móin ortha tamall, atá briste chun curadóireachta. Tamall, nuair bhí an óige aice rinncfeadh móinín chómh maith lé héinne: rinnce mear.

móinteán: *f.1.* talamh briste, talamh móna. Cad tá ann ach móinteán? cad thabharfadh sé?: talamh go mianach móna gan fód cré air.

móintín: *f.4.* leirg bheag thalmhan briste chun curadóireachta. Na móintínidhe: garraidhthe beaga a bhí tamall fé mhóin, anois ag tabhairt barraidhe. Na móintínidhe ruadha, etc.

móireacht: *b.3.* mórdhálacht, tóstalacht, báidheamhlacht, muinnteardhas. Dá aoirde atá sé sroichte lé n-a inchinn níl aon mhóireacht ann, tá sé chómh híseal, gaolach is bhí riamh: tóirtéis i dtaobh a fheabhasa. Seadh, thugas fé ndeara san go ndeaghaidh sé i móireacht lé déidheannaighe, do gheóbhadh thart anois is ní mór go leigfeadh air go bhfeicfeadh sé thu: mórdhálacht: breis mheasa ná riamh. Cá ngeóbhadh móireacht muinntir Ch.?: an uaisleacht (dar leó). Péac nó dhó eile mar í siúd a bhainfeadh an mhóireacht as: ionsaidhe nó breis a ísleóchadh a chleitidhe dho. Cad is dóigh leat ná go bhfuil mo bheirt, dá mhéad tuiteam amach a bhí eatartha, ag dul i móireacht lé chéile

airís?: báidheamhlacht, muinnteardhas. An mhóireacht chéadna atá eadrainn riamh, focal feargach ná féachaint ghruamdha ní raibh eadrainn: báidheamhlacht. Aon rud níor mhaith liom do rádh id choinnibh leis agus a mhóireacht ataoi aige: an meas agus an leagadh atá aige leat.

móiréis: *b.2.* uaibhreacht, bród, tóirtéis, mórdhacht, borramhlacht, sotalacht. Cuireann tú móiréis orm asat a fheabhas a rinnis agus a raibh id choinnibh: déinir tóirtéiseach me asat: áthas orm id thaobh. Chuirfeadh aon rud móiréis aige air féin .i. bheadh meas maoidhte aige air féin as rud neamh-thábhachtach a bheadh déanta aige. Táid fíor-bhocht ach ní leigfeadh móiréis muinntire dóibh cabhair do lorg: an tábhacht bhorrtha atá aca ionta féin: an mhothóilt a bhíos ag dul lé feabhas nó fiúghantas fé leith. Ná cuireadh sé aon mhóiréis ort airgead do bheith agat is duine eile dhá cheal: aon mheas mór thar ceart. Ó fuair sé an t-éirghe beag san sa tsaoghal ní mór go n-aithneóchadh sé thú lé móiréis: tábhacht is tóstal as féin: a mhothóilt aige gurb é sárughadh mórán ar feabhas is fiúghantas. Móiréis airgid ortha ó thuit an t-udhacht isteach ortha ní choidreóchaidís éinne dá sean-chómhluadar: lán: ró-mheas agus táir. Geallaim duit go bhfuil sé chómh réadhchúiseach agus bhí sé riamh ná deárna céim ná airgead aon móiréis ann: tóstalacht: éirghe anáirde nó teasbach.

móiréiseach: *a.* tóstalach, tóirtéiseach, girréiseach, bródmhar. Ní fheadair sí an ar a ceann nó ar a cosaibh atá sí ag siubhal tá sí chómh móiréiseach san as a culaith nuadh: mustarach: mothóilt aice go bhfuil sí an-tábhachtach ar fad. Tá sí móiréiseach as a clainn do bheith chómh cliste ar scoil: meas mór aice uirthe féin dá chionn. Ní gábhadh dho bheith chómh móiréiseach as a shliocht, ní heól dom gaisce ná éacht do bheith déanta aca seachas aon treibh (treabh) eile: meas chómh hárd, tábhachtach aimeónach. Budh dheacair rinnceóir budh mhóiréisighe ná í d'fhagháil, is seólta do chroitheadh sí a cos: go raibh imtheacht is críochnughadh fúithe. Dá me thu ní bheinn chómh móiréiseach as an mbeart sprionnlaithe atá déanta agat: bródmhar: do cheann san aer mar gheall air.

móirsheisear: *f.1.* seachtar. Móirsheisear cloinne, fear, ban, mac, inghean, dreathár, dribhshéar. Tá seisear nó móirsheisear ann .i. gasra bheag. Do bhí agus móirsheisear aca chugham: scata díobh im choinnibh.

moirt: *b.2.* dríodar, fuighleach, deascadh, draoib, slab, clabar, ualach síománaidhe. Ná samhluigh liom moirt tóna do shoithigh: an dríodar fíor-íochtarach. Chuadhas ar lár sa bhogach, is a rian ar an moirt atá ar bhun mo thriubhais: draoib, salachar. Is annamh fíon gan moirt: gan dríodar salach .i. is annamh rud maith gan locht éigin air. Maidir lé hobair de, ní bheinn ag tabhairt bhídh don moirt sin gan bhrigh, gan tapa, gan bac le tuarasdal: duine gan anam ná anál. Ag codailt i moirt atáid riamh: salachar.

moirteach: *a.* salach, draoibeach. Ná h-ól go tóin an bolla, tá sé moirteach: salach. Níl sa tigh chéadna ach prochlais ghránda mhoirteach nár cheart d'éinne cómhnaidhe ann: salach. Bóithre moirteacha gan éinne ag féachaint 'n-a ndiaidh: lán de dhraoib.

moirtéal: *f.1.* suathachán aoil, gainimhe is uisce chun bríce nó cloch do dhlúthughadh lé chéile i dtógáil; saghas cré nó gaoidhin fé bhun na húire ná bíonn aon tabhairt innte.

Talamh moirtéil é seo is ní maith ná ní cóir do théigheann an triomach do. Ag déanamh (suathadh) moirtéil. An moirtéal ag imtheacht as na fallaidhibh lé fiadhaine na hoidhche! "Agus is bríc do bhí aca mar chloich agus pic talamhaidhe do bhí aca mar mhoirtéal" .i. lé dlúthughadh na gcloch.

moirtís: *b.2.* poll nó gearradh in adhmad nó i gcloich déanta ar chuma go raghadh an tionúr nó an más isteach ann. Greim orm mar bheadh i moirtís: cruaidh, daingean. Tá na moirtísidhe ag tabhairt ionam!: ailt mo chnámh ag dul i laige.

moirtísighim: *b.a.* deinim móirtísidhe; dlúthuighim lé chéile lé moirtís is másа. An bórd ná moirtísightear mar is ceart is gearr go mbíonn ag luascadh: ná cuirtear a mhaillidhe i gceangal ceart greama.

moitheachadh: *f.1.* mothughadh, motháilt, braithstint leis na lámhaibh. Bhraitheas ag moitheachadh tímcheall mo phócaidhe é: ag láimhseáil: ag cuardach ar thóraidheacht ruda éigin: ag dorn-fhásc. Níor lugha leis an sugh ná bheith ag moitheachadh air: aon fhulang leis ní raibh ann: ag teangmháil méar (lámh) lé n-a chneas.

mol: *f.1.* an chuid is aoirde, is géire, sprochaid, beann; an chuid láir de roth, an stoc, go mbíonn an crann iomchair istigh ann agus go mbíonn na righthe ceangailte ann. "Tabhair mol an tseóil mhóir di" arsa Piaras Firtéar lé n-a loingseóir is é ag fuadach mná ón nGaillimh .i. árduigh é an fhaid do raghaidh sé. Sceinn an t-eiteallán thar mhol an chnuic: mullach: barr. Ag caitheamh an lae dhi ar mhol a dhá glún ar na cruaidh-leacachaibh ag paidreóireacht: ar chealgan. Loibh na spócaidhe istigh i moirtísidhibh an mhuil: an gheannc reamhar, chruinn adhmaid. Airgead 'n-a mholaibh agam, ná féadfainn a chaitheamh: cnocáin.

mol-: *i gcfbh.* teann, taithigeach. Muil-cheann agus muil-cheanna ainmeacha carraigeach farraige go bhfuil déanamh cruinn ortha.

moladh: *f.* (*-lta*) móradh, traoslughadh, cómhairle, cómhairliughadh, measadh, breith. Dá mhéid an meas atá air níl sé lé moladh (chun molta) chómh mór san ar fad in ao'chor, tá fir chómh maith leis ann: labhairt go mór ar a shon. Ar mholadh Sheáin do tógadh é, dubhairt sé gur dheacair fear dob fhearr d'fhaghail: ar dheagh-thuairisc go raibh sé an-oireamhnach. Thárlaidh pléidh is achrann eatartha i dtaobh teórann na talmhan is fágadh fé mholadh beirte é: réidhteach: breith: cinneadh: an togha tar éis dhá rud, éileamh beirte nó breis do chur i gcómhnáird lé chéile. B'é moladh na cúirte dathad púnt do thabhairt do as ar deineadh de dhíoghbháil air: riaghalughadh ar phoinntidhibh dlighe. Nuair connacthas an ghaisce a bhí déanta aige thosnuigh an sluagh ghá mholadh: labhairt go fabhrach is go hárd. "Molfad an Tighearna dréir a fhíréantachta, agus canfad moladh d'ainm an Tighearna is ró-aoirde" (Sailm VII. 7): labharfad go hárd, meastamhail i nduain, ghá mhéadughadh i dtaobh a mhaitheasaidhe. Bíonn sé ar a thoil féin ach bheith ag moladh leis gan teacht treasna air, ceart nó mícheart do bheith aige: ag teacht leis: taobhughadh: aontughadh leis. "Is mór go léir an moladh fuairis uaidh" – "sin é an moladh bréige" .i. ná raibh ó n-a chroidhe. Moladh lé Dia gur thángamair saor, is maith mar scaramair leis: tá buidheachas ár gcroidhe agus ár ndeigh-mhéin ag dul do Dhia 'n-a

thaobh. Moladh na máthar cáineadh na hinghine: ní creidtear focal ón máthair i bhfabhar a hinghine. Ní fuláir nó tá an earra san go maith ar an moladh atá uirthi: an chainnt adeirtear ina taobh lé n-a feabhas. Ní ghod mholadh atáim ach is tú an léightheóir is breághtha do chuala riamh: ghod mhóradh thar mar tá ceart nó atá tuillte agat. Ní moladh éinne amháin é gur b'é an fear is féile aca go léir é: breith choitcheann. Dá mbeadh sé fém mholadh-sa, ní fhágfainn duine beó díobh, tá an ghráin mhairbh agam ortha: dá bhfaghainn-se mo thoil chúcha. Dar ndóigh ní fear molta ar rinnce thusa, cá bhfuil t'eolas air?: breitheamh. Dhein sé é mar dheineann gach aon rud eile gan é do chur fém mholadh-sa: gan é do chur im chómhairle. Déin moladh eatartha céaca is fearr: tabhair do bhreith. "Más maith leat moladh faigh bás" .i. ar an saoghal so ní bhfaghann neach a cheart dréir a mhaitheasa. Ghod mholadh go crannaibh na gréine bítear: ag maoidheamh go mór as do thréithibh nó do ghníomharthaibh. Níl an talamh san chómh maith is tá moladh air: is fearr a theist 'ná é. Nuair bhíonn na tíortha cómhraic ag trácht ar fheabhas a saighdiúiridhe féin ní fhágaid fuigheall molta ortha: an teist gaisce is fearr gheibhid í. Chonnac thu ag tabhairt síntiúis don dtnúthán, ní raghair gan moladh: toisc a fhagháil labharfaidh ag tabhairt measa dhuit ach is ar son na bearta é. Ní moladh a fuairis uaim ach teasmholadh: dubhart gach aon rud dá fheabhas ar do shon. "...nó an bhfuil riachtanas againn mar tá ag druing áirighthe lé leitreachaibh molta chughaibh-se nó lé leitreachaibh molta uaibh?" (2. Cor. III. 1) .i. a labharfadh i bhfabhar. Ag moladh an scéil liom: ag aontughadh liom.

molaim: *b.a. 7 n-a.* móruighim, labhraim go hárd ar shon; maoidhim as; bronnaim ar; tugaim mar bhreith; luadhaim lé; tugaim mar chómhairle dho. Mholfainn an té a dhéanfadh é (cúrsa meisnigh): labharfainn go hárd ar a fheabhas. Molaim-se an déirc is an té a cheap í: taobhuighim léi go mór agus labhraim ar a son. Mholfainn dhuit gan aon bhaint do bheith agat lé gnóthaidhibh daoine eile: chomhairleóchainn duit gur bh'é dob fhearr dhuit. Ná bíodh aon eagla ort ná go molfar más maith: an duine nó an rud tréitheach gheóbhaidh daoine a labharfaidh ar a shon. "Mol an óige is tiocfaidh sí" .i. labhair ar a son is seadh is mó thaobhóchaidh sí leat nó bíodh do mhuinghin aiste go ndéanfaidh go maith fós. "Mol-se mise is molfad-sa thusa": bí-se liom-sa is bead-sa leat-sa. Ná mol luath ar eagla go gcáinfí mall .i. sara maoidhir as aon nidh bí deimhnightheach gur fiú é é. "Na mol is ná dí-mhol daoi óir níl saoi gan locht": ná maoidh as dhuine gan eólas, óir níl ann ach magadh, ní lugha ná is cóir é do cháineadh mar cá bhfuil an té sin lé fagháil go bhfuil cruinn-eolas aige. Molann an obair an fear: fíné ceart ar fheabhas an fhir a chuid oibre. Moladh gach n-aon an t-áth mar gheóbhaidh: labhradh gach éinne leis nó i gcoinnibh dréir mar thárlóchaidh do. Bím-se cortha is ní moltar mo shaothar .i. ní abrann neach focal ag tabhairt deigh-theiste orm .i. ní mó 'ná buidheach do bítear díom as a ndéinim. Dá molfá go crannaibh na gréine é ní ghéillfinn duit: dá gcuirfeá síos ar fheabhas a thréithe. Mholfainn-se an obair sin do dhéanfá-sa, a útamálaidhe .i. níl amhras air ná go mbeadh go haindeis. Molaim leat a bhfuil ráidhte: tagaim leat air. I bhfad bhfad bhíomair in earrad i dtaobh seilbhe na háite sin, ach moladh liom sa deireadh í: luaidh an dlighe liom í im cheart. Mholfainn duit agus ní har mhí-mhaithe leat atáim, stad ded gheámaidhibh sara bhfágaid rian ort: thabharfainn cómhairle do leasa dhuit. Molaim dá chéile iad (searbhas) .i. is maith mar thárladar. Mol gort is ná mol geamhar: fan foidhneach go mbíonn rud aibidh nó tagtha chun críche sara dtugair deigh-mheas air. "Ní mholaid na mairbh an Tighearna nó an lucht théid síos in uaigneas" (Sailm CXV. 17) .i.

ní thugaid glóir do. "Molaidís a ainm ar an bpíb, ar an dtábar mbig, agus ar an gcláirsigh, canaidís sailm dó-san" (Sailm CXLIX. 3): lé ceól na píbe cuiridís a mhór-mhaitheas in iúil. "An té a mholfadh thu an té a cháinfeadh thu": an té is mó a labhair ar do thaobh níor lugha aige ná labhairt chómh dian id choinnibh. "Molfaidh t'oibreacha uile thu, a Thighearna agus beannóchaidh do naoimh thu" (Sailm CXLV. 10) .i. foillseóchaid don saoghal do ghlóire etc. Cuir annsan í (do lámh), molaim thu: is mór é mo mheas ort as an rud atá déanta agat. Bídh foidhneach, macánta, molfad eadraibh .i. réidhteóchad pé achrann atá i dtreis agaibh. "Cuirimís fúinn annso go maidean" – "molaim leat é" .i. cuirimís. Ní mholfadh sé thu déirc do thabhairt do dhuine bocht .i. ní dhéanfadh sé fear maith dhíot. "Cad déarfá leis mar mhúinteóir don áit?" – "ní mholfainn é": ní thabharfainn mar bharamhal uaim go bhfuil sé oireamhnach nó maith a dhóthain. Ní fheadar cad é do bharamhal-sa air, ach dar liom-sa ní mholann a ghné é: breith do thabhairt dá réir ní bheadh ar fheabhas. Mholfadh an dochtúir biadh éadtrom agus mórán suathaidh cuirp do: thabharfadh mar chómhairle chun tairbhe a shláinte.

molt: *f.1.* reatha coillte, tuathalán. Turus Thobar na Molt, níor thugas riamh: turus nó oilithreacht áitrighthe i gCiarraighe. Caithfidh an molt mí-bhéasach a cheann do sháthadh ins gach aon rud: duine gan cuma mhúinte ná gnaoidheamhail air. Táir chómh reamhar lé molt: beathuighthe, feólmhar.

molta: *a.r.* ionchómhairle, tugtha, maoidhte(ach), ionmhaoidhte. Tá sé molta dá mbeitheá ghá cháineadh go deó .i. aon rud a déarfá ina choinnibh ní bhainfeadh dá theist. Ní molta dhuit do chuid ar fad d'fhágaint in aon tsiopa amháin: ní rud é gur chóir dhuit do dhéanamh: tugtha. Ná mol neach ná bíonn ion-mholta: nách fiú labhairt go maith ar a shon. Buachaill so-mholta é sin, níl aon rud ná go ndéineann go maith .i. ní deacair maoidheamh as. Tá sé molta ges gach éinne dhom athrughadh aoir d'fhagháil: sé a gcómhairle ar son mo shláinte é. Mara bhfuil an áit molta ó thalamh sa dán san, ní lá fós é: cáil thar barr tugtha air. Ní molta ortha bheith ag síor-chainnt: ní thuillir meas mór as.

moltach: *a.* meastamhail, deigh-mheasach, feabhas, maitheasaidhe is tréithe do chur in iúil. Má labhradh riamh go moltach ar neach is ort é, budh dhóigh lé duine ná raibh do leithéid eile lé feabhas sa dhomhan: cómh meastamhail ar thréithibh. Níor oscail sé a bhéal riamh ort ach go moltach, gach aon rud dá fheabhas ar do shon: do labhairt lé mór-mheas. Na Gearmánaigh an-mholtach ar chródhacht na nGréagach gur throideadar gach órdlach go fearamhail: labhairt go cáileamhail ortha. Budh mholtaighe go mór do bheinn ort dá mbeitheá gan leath oiread cainnte: budh mhó do chuirfinn mo mheas ort in iúil.

moltachán: *f.1.* molt, caora fhireann coillte, ógánach buachalla teann, déanta, fuinneamhail. Nách iad na moltacháin iad gach nduine den gclainn: buachaillidhe láidre, córacha, sláinteamhla.

moltóir: *f.3.* duine a thugas moladh uaidh, a réidhtigheas cás nó cúis nó achrann; breitheamh, fear cirt, meastóir; ceann réidhtigh. Cuireadh moltóir ar an méid dob fhiú troscán is rothaidhe an tighe: meastóir: duine eólgaiseach a fhéadfadh luach na nidhthe do bhualadh leó go comhthrom. Deineadh moltóir díom ar an rinnce: breitheamh: fágadh fém bhreith rogha do dhéanamh eatartha so a bhí i gcomórtas. Ní rabhadar ag réidhteach

lé chéile ná aon tsocrughadh dhá dhéanamh aca is dheineadar moltóir díom ar an gcúrsa: d'aontuigheadar eatartha é d'fhágaint fém bhreith. Deirir gur fear maith i mbun tighe é, is beag moltóir a gheóbhair: duine atá ar an inntin chéadna.

moltóireacht: *b.3.* meastóireacht, breitheamhantas, maoidheamh. Sin iad an bheirt chéadna a bhí ag moltóireacht ar an bhfeis an bhliadhain sin gur bhuadhais ar amhránaidheacht: breitheamhantas: teacht dréir tuigseana is eolais ar an nduine nó an nidh is fearr. Tar éis na moltóireachta go léir do tugadh do as ar dhein sé, ghá rádh gur dheacair a shárughadh ná déanamh gan é, pingin dá bharr ní bhfuair sé: an cháil do tugadh do. Dá mbudh moltóireacht chomhthrom í ar ar deineadh de dhíoghbháil do luaidhfí breis agus fiche púnt do: meastóireacht: tuairm cheart ar an méid airgid do chúiteóchadh an dochar a deineadh.

monabar: *f.1.* cogarnach, glórghail, clamhsán, cronán, suainseán. I lár na hoidhche siar budh bhreágh leat éisteacht lé monabar na habhann gan glór eile lé clos ach é: fuaim íseal, chómhnaidhtheach. Monabar éigin ar an dtaobh eile de chlaidhe nár thuigeas: geóin íseal: anaoid. Do shíor ag déanamh monabair ar gach aon nidh, ní shásóchadh Éire é, ag cnáimhseán, ag fagháil lochta. Is peacamhail an rud d'éinne bheith ag monabar ar an bhfear thall: ag suainseán: cúlchainnt mhasluightheach. Dá mbeidís ag cainnt choidhche níl aon tor agam ar mhonabar cómharsan: bheith ag déanamh beag-is-fiú de dhuine.

monabrach: *a.* suainseánach, clamhsánach, crónánach. An sruthán monabrach gem chluais, mar ghluaiseann ghom chur chun suain: ceólmhar. Na daoine atá ar an mbaile seo táid chómh monabrach san mara ndéanfá ach sraoth go bhfaghadh an ceanntar amach uatha é: cúlchainnteach. Teas ná fuacht ní réidhtigheann leis an gcníopaire monabrach ná é do chur ó bhais go bais: duine cnáimhseánach: duine ná féadfadh gan bheith ag gearán.

mong: (**muing**) *b.2.* an fionnadh garbh, fada a bhíos ar mhuineál capaill, asail, miúlach, leómhain etc.; mothal ar dhuine, sraith nó riasc. Ar mh'anam, creid me leis, go raibh mong ar an eascúin farraige úd!: b'áidhbhéil an radharc í .i. scoth throm, fhada. "Mise Eoghan Ruadh (Ó Súilleabháin) ón Muing Ruaidh a tháinig lé cráin ruadh go dtí collach ruadh Liam Ruaidh Norcot!": talamh sléibhe. Tá beartha ar mhuing ort anois, a bhuachaill: greim daingean, docht. Dá mbeadh beartha ar mhuing agam ort: ar ghruaig chun a stractha. "Nuair thiocfaidh an Franncach go Sliabh Mis, nuair thiocfaidh an míol mór ar an muing, nuair chaillfidh an sagart a shainnt, seadh thiocfaidh a chainnt don bhfiach dubh": ar an dtalamh. Ní haon díoghbháil duit an lomadh cinn sin, bhí mong ort: mothal fada. Imthigh 'n-a dhiaidh siúd is beir chugham ar mhuing é: ar ghreim cinn .i. ná leig uait é.

mong-: (**muing**) *i gcfbh.* foltach, scothach. Bean mhuing-fhionn .i. go mbíonn folt breágh scuabach buidhe uirthe. Ní ceart duit aon aithreachas do bheith ort an plaosc mong-fhada san do bheith bearrtha, bhís id sheódh bóthair aige: ceann mothalach, trom-ghruaigeach. Eascú mhór mhong-earballach .i. go mbíonn scoth fhada uirthi.

mongach: *a.* go muing, scoth, nó tor. T'r'om an fód mongach san .i. go mbíonn tor féir, fiorthain etc. air: stuaiceach.

monglait: *b.2.* duine neamh-fháiscighthe, stuaic neamhghasta ghruaige. Ní fheaca riamh thu, a mhonglait ná go mbeadh do bhalcaisidhe ar sileadh leat: duine fuairspreóiseach 'n-a ghléasadh. Is dócha nár tairngeadh cíor riamh tríd an monglait!: ceann mothalach, achrannach.

monuar: *int.* fairír! Monuar gan me thiar mar a bhfuil mo ghrádh ar an sliabh: mo thruagh, fairír. Monuar a bhfuil im aghaidh is gan éinne liom: is truagh dhochraideach dómh-sa é.

mór: *a.* toirteamhail, fairsing, fada, árd, leathan, lán-fhásta, iomlán, iomadamhail, muinnteardha, báidheamhail; iongtach, clúiteach, cáileamhail, áidhbhéil, mórchúiseach; bunadhasach, gustalach, príomh, tábhachtach, céimeamhail. Tá an fear mór ag cur fút má leanair ar an mbóthar atá agat: an diabhal. Cé hé an fear mór san oifig seo?: an fear is tábhachtaighe: an ceann. Glaodhfí is dócha feirmeóir mór ar fhear dathad acra san áit bhocht so .i. go mbeadh fairsinge thalmhan aige: leathantas. D'iomcharóchadh sé cuid mhaith ar a ghuailnibh móra: leathana. Fear mór é seo, os cionn sé troighthe go maith: árd. Toisc na gannchúise is fada go raibh airgead chómh mór ar iasc: luach árd. Airgead mór púnt do lorg ar dhuine .i. tá an iomad ann: oiread agus ná fuil ar a ghustal. Fuair sé buille mór nuair baineadh a thigh de: a dhein díoghbháil do. Is féidir dul ón oileán ar an dtír mhór ar lag trágha: an mhín-tír. Bí foidhneach, ní mór an fhaid do bheadh uait: ní fada. Is mór an bóthar deich míle fichead do shiubhal gach lá: is fada an taisteal san. Nách mór an t-eagla do cuireadh air gur sheasaimh gruaig a chinn: áidhbhéil: uathbhásach. Soitheach mór go raghadh leathchéad gallún ann .i. go mbeadh congbháil mhaith aige. An mhéar mhór: an ceann is sia. An tigh mór: an ceann is tábhachtaighe nó is toirteamhla ar an mbaile nó san áit. Guth an-mhór aice .i. aoirde is sroicheadh iongtach. Budh mhór ag muinntir na hÉireann Peáirneil tamall, leanfaidís trí theine é: meas an domhain aca air. Is mór agam do ghearánta .i. ní chuirid aon mhairg orm. Anois nách mór ag Sasana an taobh thuaidh agus í d'iarraidh buannaidheacht saighdiúra do chur ortha (searbhas): nách ceanamhail atá sí ortha. Is mór agam do ghothaidhe is do chuid bagartha .i. níl aon mhairg orm aca. Budh mhó aice a máthair 'ná a hathair: budh cheanamhla uirthi. Duine mór cainnte, bíonn a theanga ar siubhal gan stad .i. níl aon cheal cainnte air. Ní mór go rabhas suidhte nuair glaodhadh orm .i. ní raibh ach a rádh go etc.: ar éigean. "Ní raibh mór riamh ná beadh beag" .i. dá bháidheamhla bhíonn daoine lé chéile go minic tuitid amach. "Is mór ort é do dhéanamh, a fhir bhoicht", deirtear lé duine go mbíonn dochma air rud do dhéanamh. Níl sé in ao'chor mór orm é sin do dhéanamh duit: strosamhail. Ní mór lé dul púnt ar líon tighe sa tseachtmhain: fágann sé easnamh ortha. Fear mór lé rádh lé n-a linn dob eadh Domhnall Ó Conaill: tábhachtach. Coimeád é, ní bhraithfead uaim é, ní mór lé rádh é, geallaim duit: ní fiú trácht ar a thábhacht. Chuaidh bás a mhná go mór do, as san amach níor fhan suim aige in aon rud: ghoill sé go trom air. Táid chómh mór lé chéile agus bheadh bó is cóca féir: muinnteardha: ceanamhail. Táid sin ró-mhór ionta féin chun coidrimh do dhéanamh linne, bochtáin: mustarach, cúiseamhail. Is mór leo a ndéinim: ní thaithnigheann sé leó. Is mór an seódh leó bheith ag déanamh cleas ar an aindeise: dar léo is breágh go léir é. "Tógfaidh sé a bhfuil ar an mbórd" – "ní mór liom do": is cuma liom: níl formad ná éad orm é do bheith aige. Ar a luighead níor mhór dom buannacht éigin do bheith sa tigh agam sara dtugainn aon

órdughadh uaim: budh ghábhadh dhom: bheadh san riachtanach. Ní mór dos gach éinne biadh: riachtanas é: gan é ní mhairfeadh. Glacadh mór sa tigh é: níor coigleadh aon rud dá fheabhas é: cuireadh suim mhór ann: fuair sé déanamh maith. Maran tú an mór is fiú agam chun bheith im bhais cait agat: duine ró-thábhachtach. Is bréagh, slachtmhar an feighre bróg iad san ort, an mór iad?: cad a thugais ortha. Ní mór nár bhuail sé me bhí an oiread san cuthuigh air: chuaidh sé in an-ghiorracht do. Ní mór ná gur bh'fhearr liom bás d'fhagháil 'ná bheith ag obair do chnáimhseánaidhe mar é.

mór: *a.* toirteamhail, fairsing, flúirseach, groidhe, árd, lánfhásta, mórdhálach, saidhbhir, clúiteach, tábhachtach, laimhthighiseach, fial; láidir, is sine, príomh; iomarcach; ceanamhail. "Ní dhéanfadh in ao'chor é" – "bheadh sé mór ort is dócha": budh lag leat é do dhéanamh: táir ró-ghalánta chun rud chómh suarach do dhéanamh: chuirfeadh sé iomad duaidh ar do lithéid de dhuine. Ró-mhór ar éinne amháin cúram tighe do dhéanamh: ní bheadh sé i ndán teacht ar gach cúram. "Táim cortha, traochta ag an obair seo" – "tá baoghal mór ort!": táir ag cnáimhseán gan chúis. An mbeadh sé mór ort an leitir seo do chur 'on phost dom?: an gcuirfeadh sé as duit. Ar a bhfuil d'aimsir aige, beidh sé mór air an áit do shroichstint anocht: beidh a dhóthain lé déanamh aige. Bíonn sé ghod mholadh do shíor, is mór air thu: tá árd-mheas aige ort. "An raibh a fhios agat go bhfuil an ghráin mhairbh aca ort?" – "is mór orm iad" (searbhas): níl aon tor agam ortha. "Níor goirtigheadh mór é?" – "ní mór atá air": níl puinn máchala air. An mór ar an earra so?: luach. Is baoghalach go mbeadh sé mór orm díol ar an láthair, mar ná fuilim mór fé airgead: ró-dhian orm. Nuair chuala a bhás chuir sé rud mór orm: ghoill sé go trom orm. Is mó orm tusa 'ná neach eile ar m'aitheantas, níl aon rud ar mo chumas ná déanfainn duit: is meastamhla me ort, etc. "Dá gcloisteá iad ag itheadh is ag gearradh ort" – "cuireann sé olc mór orm dá mbeadh a fhios aca é" (searbhas): ní ghoilleann sé pioc orm. Céaca go bhfuilir mór ar a thaobh sa chogadh so?: i bhfabhar. Sin gáirdín atá mór fé bhláthaibh: bláthanna go hiomadamhail ann. Thabharfainn breis duit ach ná fuilim mór fé airgead indiugh: gan cuid mhór. Tamall dá shaoghal bhí seisean mór fé mheas 'n-ár measc-ne: ard-mheas ag gach éinne air. Ní mór gur héisteadh leis dá mhéid do chuir sé as: ar éigean do thug éinne cluas do. Duine mór is fiú é sin dar leis féin: tábhachtach. Is mó go mór aige é féin 'ná ag éinne eile: níl an oiread measa ag na daoinibh air is budh dhóigh leis. "Ní mó agam me féin ná thu, creid uaim go raghainn fén roth dhuit": táim fíor-cheanamhail ort. "An bhfuil sé fiche bliadhain?" – "ní mó 'ná san é": sin é an taobh amuigh dhe. Is mór mar theastuigheann toitínidhe ó dhailtín mar thu (searbhas): níl aon ghnóth in ao'chor agat díobh: níor chóir dod leithéid iad do bhlas. Is mór an scéal é maran bréag é!: scéal iongtach ná taidhbhsigheann ró-inchreidte ar fad. "Ní raibh mór riamh ná beadh beag", deirtear so lé daoinibh ná bíonn buidheach dá chéile cé go rabhadar tráth muinnteardha go maith. Is mór é buidheachas beagáin aige: dá luighead a gheibheann sé bíonn sé buidheach, beannachtach. Is mór mar chuaidh sé chun deiridh lé déidheannaighe, níor fhan a dheilbh san éadach: lom sé thar na beartaibh. Is mór mar imthigh an diabhal air chun bitheamhantaidheachta: thug sé é féin go mór uirthi. Deirtear so, leis, ar chlos ruda a chuireas iongadh ar dhuine. "Is mór an seódh me gem chlainn", ars an bhean: clipighthe aca. An rud is beag ag fear is mór ag leanbh: do shúil na hóige taidhbhsigheann rudaidhe suaracha tábhachtach. "Sin duine go bhfuil greim daingean docht aige ar a phinginidhe" – "ní mór do san": cad fáth ná beadh: nách é a cheart é. "An mór dom deabhadh do dhéanamh d'fhonn bheith in ann?" – "ní mór": an gábhadh – is

gábhadh. “Sháidh seisean a cheann sa scéal, leis is gan éinne ghá iarraidh air” – “níor mhór do”: níor bhfuláir leis: ní bheadh sásta mara ndéanfadh. An lá céadna bhí na sluaighte ann agus níor mhór dom do bheith ann: gan amhras chaithfeadh rud éigin me do bhreith ann. An té go mbíonn obair mhór air níor mhór do biadh maith: rud riachtanach é. Seo ag lorg gach aonnidh í, cad nár mhór di: dar léi gur bh’é a ceart aon rud a theastóchadh uaithe d’fhagháil. Tá sé ar an bhfear is mó aige féin dá bhfeaca riamh, cad é meas!: ró-thábhachtach. Ní mó aige scilling do chaitheamh: tá sé fial fé n-a caitheamh. Ní mór aca súd anam duine do bheith ortha: ní mairg leó é. Seán mór: atá groidhe nó is sine ar an líon tighe céadna mar a bhfuil Seán eile. An fear mór: an saoiste, is tábhachtaighe: an diabhal! An tigh mór: is tábhachtaighe san áit. An bóthar mór: rianta. An saoghal mór rómham amach agam: an domhan agus a bhfuil de dhaoinibh ann. Is coimhtheach í an fharraige mhór: an mhuir fhairsing, dhoimhin. Fear mór éithigh (óil, oibre, airgid): áitrighthe chúcha so. Cuireann sé an gomh mór air t’ainm do luadh leis: fearg agus buile. Guth bhreágh mhór aice gur b’aoibhinn leat éisteacht léi: fhairsing, árd. Má mhair éinne riamh go raibh aigne mhór aige is aige bhí sí: meanma fhial. Tamall mór ’n-a dhiaidh sin seadh saoghaluigheadh eisean: seal fada. An mór ’e chlog anois é?: cad é an t-am é? An mór airgid agat?: cé mhéid. Na guailne móra agus an t-ucht mór: leathan. Is mór an seódh lé haois óg an lae indiugh bheith ag rinnce: bainid sásamh as. “An dtógfad iasacht an leabhair seo?” – “ní mór liom duit é, agus fáilte”: ní misde liom. “Bíd ag suainseán ort” – “ní mór liom”: ní chuireann aon mhairg orm. Duine cor gur mhór leis beannughadh duit: nár mhian leis: ná beadh sé de mhuinnteardhas ann. Budh mhór leó a n-ithinn is budh bheag leó a ndéininn: bíonn doicheall ortha. Ar mhór leat me d’fhanamhaint annso anocht?: ar chol leat é. Táid chómh mór lé chéile is bheadh bó is cóca féir: an-mhuinnteardha ar fad. Ag dul i méid gach lá, tá sé chómh mór lé cnoc: an-toirteamhail. Ná tóg an cúrsa chómh mór san: ná cuireadh sé oiread mairge ort. Ní mór ná gur marbhuigheadh é nuair buaileadh sa cheann é: ní raibh ach gur éaluigh sé ón mbás. Cá bhfuil do dheabhadh? beir ann go mór luath: in am go leór. “Tá sé ag lorg a choda” – “cá mór do san?”: nách é sin a cheart. Mór leat indiugh, beag leat ambáireach, sin mar tá aige: istigh, muinnteardha. Ní mór má tá sé ag baile fós: is ar éigean má tá. Ní mór go raibh mo bhéal oscailte agam nuair dubharthas liom éisteacht: ar an am díreach etc. Táim go mór in éileamh air: dian, dícheallach. Ná bí mór ná beag leis an gcléir: ná bí ró-mhuinnteardha leó ná ró-choimhtheach. “Righ mór é os chionn na talmhan uile” (Sailm XLVII. 3): cómhachtach. “An raibh eagla orm roim iomad mór daoine?” (Iób XXXI. 34): sluaighte troma. “Thug tu amach as chrích na hÉigipite lé cómhachtaibh móra agus lé lámh láidir” (Eacs. XXXII. 11): gur dheacair do shárughadh. Fear mór ann féin nách mór a labharfadh leat: tóirtéiseach. Sin líon tighe a bhí mór eadrainn tamall: go raibh meas ortha. Níl aon mheas fúm ach tá meas mór agam orm féin. “Is mór iad adharca na mbó thar lear”: taidhbhsigheann rudaidhe iasachta i bhfad níos fearr ná rudaidhe cois baile.

mór: *i gcfbh.* oll, uile, príomh, mór-chuid. Ar dtúis níor aithnigheas mo dhuine go dtí gur chuir sé é féin in iúil, mar ná raibh mór-aithne agam air: aithne chruinn, fhada. Duine mór-aigeantach gan amhras a mhaithfeadh coir mhór: fial, uasal, gan aon rud suarach ná sprionnlaithe ag baint leis. Marbhuigheadh a mhac indé, tá an mhór-aindeise ghá leanamhaint riamh: mí-ádh trom. Ní fheaca i mball ná i mbeárnain riamh é ná go mbeadh sé ag cur as; fear mór-aighnis seadh é: a bhíos ar gach caoi ’s ócáid ghá chur in iúil go mbíonn sé ann. Ar an mbualadh agus an tuargaint atá fachta aige anois ní dóigh liom go

bhfuil mór-anam ann: brigh, neart. Ní hiongadh go bhfuair sé bás, ní bhfuair sé mór-aire: ní rabhthas 'n-a chúram go ró-mhór. Déineann sé, trí neart, na céadta rud ná féadfadh éinne eile do dhéanamh, cá ngeóbhadh an mhór-acfuinn?: neart thar barr. Duine crosta, crostálta é sin go leanann mór-achrann é an uile lá: suathadh, bruighean is trangláil. Mo náire is m'aithis bheith chómh tuaisceartach san leis gan mór-adhbhar: cúis chóir. Bí ag cur díot anois, nó beir déidheannach, cuimhnigh ná fuil mór-aimsir agat: eaga mhaith: am go leór. Céaca dob fhearr leat mór-ainm nó mór-airgead?: ainm bhreágh ghaládnta nó an t-aimeón airgid. D'fhág sé dathad míle púnt 'n-a udhacht, nár bh'é an mór-áireamh airgid é: suim áidhbhéil. Tóg leat é mar úirlis, níl mór-áis agam-sa ghá bhaint as: is annamh a bhainim feidhm as. Is baoghalach nách mór na guthanna a gheobhaidh sé annso níl mór-aitheantas air: beagán gurb eól dóibh é ná aonnidh mar gheall air. Riamh ní fheaca an oiread mór-aisce ar neach eile riamh, shaoileas ná stadfadh choidhche d'itheadh: guilm bídh: fonn áidhbhéil chun an ghoile do shásamh. Mhair sé go raibh mór-aos aige, go hárd os chionn céad bliadhain: bliadhanta buana fada ar an saoghal. Ní hiongadh croiceann na hóige bheith fós air, is air ná rug aon mhór-anacair riamh: duadh mór maireachtana. Ná bíodh aon eagla ort go gcuirfidh an liaghairne sin mór-anródh air féin lé hobair: duadh ná buaidhreamh. Is ait agus is lán-ait an fear tusa féin bheith ag bodhradh do chinn leó san, mar is aca ná beadh an mór-bhuidheachas ort: fíor-mhothóilt do mhaitheasa agus fonn a cúitimh. Cé ná fuilimíd in earrad lé chéile níl mór-bháidh eadrainn: leagaidheacht lé chéile: cion. "Mo mór-bheannacht duit", a deirtear lé duine go mbíonn rud déanta aige a chuireas sásaimh. "Mo mór-bhuaidhreamh é" (searbhas) lé rud gur chuma leat pé brón a chuirfeadh sé ar a thuilleadh. Ní heól dom puinn mar gheall ar an áit, mar ná raibh mór-bhaint agam leis: ní raibh gnóth, cúram ná conbharsáid agam leis. Deirim leat gur chaitheas mór-bhliadhain ann: an aimsir iomlán is b'fhéidir breis. Mo mór-bhriathar duit ar an ndrochfhuadar atá fút gur b'olc an chrích a bheidh ort: táim lán-láidir air: dearbhuighim go láidir é. Tréis mo lae cruaidh oibre níl mór-bhrigh ionam: mórán mór nirt. Roinnt neamhchomhthrom í seo, tá an mhór-bhreis fachta agat-sa ar an gcuid eile againn: i bhfad 'si bhfad níos mó. An locht is mó atá air go bhfuil sé ró-mhór-chroidheach is go dtabharfadh sé aonnidh uaidh a bheadh aige: sár-fhial. Éistigh lé scaothaire na mór-bheart: fear maoidhte a ghníomhartha. Nách é an mhór-charthain í pingin do bhacach: féile mhór. Mór-chostas tigh do thógaint anois nuair tá adhbhar tógála chómh daor: luach ró-mhór, ró-árd. Tá mór-chuid daoine ann nár bh'fhearr leó rud agat ná uait: sluaighte. "An bhfuil a lán agat?" – "níl an mhór-chuid": mórán ar fad. Chuir an t-airgead mór-chúis air, is gearr a labharfaidh sé lé héinne: dúmas measa nách dual. Is mór an mhór-chúis í go deimhin gan aonnidh ach an fhírinne d'innsint do go dtiocfaidh fearg air: uabhar. Maran mór-chúiseach ataoi agam nách féidir focal grinn do rádh leat: an-fhuraiste mí-ghnaoi do chur ort. B'í an bhean budh mhór-chúisighe ag dul 'on bhaile mhór í, dar léi ná raibh a lithéid eile ann: is mó go raibh tuairm a feabhasa aice aiste féin. "An cuimhin leat-sa an bhliadhain do fuair Peáirneil bás?" – "is cuimhin agus mór-chath roimis": mórán mór aimsire. Dá mbuaileadh sé umat dathad uair sa tseachtmhain ní bheadh aige ach an mór-cháiseamh, a luighead a bhí aige, a bhoichte a bhí sé, etc.: gearán thar ceart. Sara raibh mór-chúrsa an ráis tugtha gen gcapall traochadh é: an tímcheall ar fad. Gan aon baoghal tá mór-chreideamhaint ag dul do as an mbeart meisneamhail do rinne sé: onóir thuillte. Ná bíodh aon cheisneamh anois ort, níl aon mhór-cheal ort fós: easbhaidh gur ghábhadh bheith ag gearán 'n-a thaobh. Caithfead a admháilt gur bhain sé preab asam nuair bhuail sé an doras isteach, mar ná raibh mór-choinne agam leis: gan

bheith deimhnightheach go raibh sé ag teacht. Bíodh a mhuinghin i gcómhnaidhe as mhór-chómhacht Dé: fearta láidre. Bhí an oiread san mór-chosamhlachta eatartha gur dheacair iad d'aithneamhaint ó chéile: dealramh an-láidir ar fad. Is iomdha rud thar ceart a dheineann duine go mbíonn an mór-chruadtan air: an gábhadh is an t-easbhaidh thar meón. Tá breis is do cheart fachta agat uaim, tá mo mhór-chúiteamh déanta agam leat: go leór leór díolaidheachta. Nách é fear an mhór-dheabhaidh é ná stadfadh agus beannughadh do dhuine: deifir is deithneas gan riachtanas. Suidhfead ambriathar, níl aon mhór-deifir orm: fonn is fuadar chun gluaiste. A mhóir-Dhé, éist lém úrnaighthibh: Dia iongtach, léidmheach. Ná cuir aon tsuim ann, ní raibh aon leigheas agat air, ar aon tslighe níl mór-dhíoghbháil déanta agat: dochar mór: gortughadh. Mhol sé lé mór-dhíoghrais thu, budh dhóigh leat air ná raibh do leithéid eile beó: ó chroidhe amach. Ní fheadar, dar leat-sa ná fuil éinne mar é, ach níl mór-dhóchas agam-sa as: muinghin mhaith go ndéanfadh gníomh. Bheadh truagh agat do an mhór-dheacracht do thugann gach aonnidh air: an duadh is an clampar do gheibheann sé ó gach rud. Ná beir ar mhuineál orm, táim ar mhór-dhícheall: oiread agam dhá dhéanamh agus is féidir liom. Nuair chonnaic sé ná raibh aon mhór-doicheall roimis luigh sé leo: ná raibh col ar fad roim n-a chuideachtain. Mo mhór-dhóigh asat, ná meath orm: mo mhuinghin láidir. Gluais leis, tá mo mhór-dhóthain agam: oiread is nách gábhadh dhom. Leis an mór-dhúthracht i rith a bheatha níor staon d'obair ar son a dhúthaighe: fonn mór chun a curtha chun cinn. An té go mbíonn an mhór-dhúil san ól aige is deacair é do bhriseadh dhe: éileamh áidhbhéil. Is deacair labhairt leis na mór-dhaoine seo, táid árd-tóstalach: iad so a bhíos an-thábhachtach 'n-a dtuairm féin. Ná cuir mór-dhuadh ort féin leis, ní fiú é é: iarracht ró-láidir cuirp. Sé mór-dhualgas gach éinne fóghnamh dá thír: oibliogáid is gníomh atá ceangailte air. Is iomdha ball go bhfuil mór-easbhaidh ar dhaoinibh de dheascaibh an chogaidh: ceal mórán rud riachtanach. Brostuighimís orainn ar eagla do bheith déidheannach, níl mór-eaga againn: mórán aimsire. Duine dána ná fuil mór-eagla roim éinne: aon mhotháilt conntabhairte. Éistigh lé scaothaire na mór-éacht: duine maoidhte gníomh mór. Má tá rud agat féin ná tuig go bhfuil mór-éad agam-sa leat, tá mo dhóthain agam féin: go ngoilleann sé go mór orm breis do bheith. Geallaim duit ná fuil mór-éileamh ar thobac agam seachas gal anois is gal airís: dúil bheag atá agam ann. Tamall, is ní fada ó shoin sin, budh bhocht an duine é ach dhein sé mór-éirghe ó shoin: dul mór chun cinn. Chídhfeá ag cluiche is ag rás iad - daoine mór-éirime seadh iad: lán d'fhonn a n-aoibhneasa. Dar liom, nách mór an mhaith bheith ag tafant ort, níl mór-fhonn ort teacht: níl do thoil go mór leis. Nuair budh shoiléir dom ná raibh mór-fháilte rómham chuireas díom: áthas do bheith ortha mé féin is mo chuideachta do bheith aca. Bróga mór-fhairsinge iad so d'éinne ach do dhuine go mbeadh pasúir chos air: slighe go leór. Tá sé ráidhte go bhfuil mór-fhaisnéis fachta ges na Gárdaidhe ar an gcoir: cuid mhaith eolais 'n-a thaobh. Tráth do bhíodar go líonmhar, láidir ach chuir an droch-shaoghal is an mí-ádh an mór-fhán ortha: scaipeadh soir siar. Tugaim fé ndeara ná fuil mór-fhaobhar oibre fút: fonn mór chun aonnidh do dhéanamh. Do bheadh mór-fhuath aca dhom mara ndéininn dóibh mar budh chóir is mar tá tuillte aca uaim: neamhchion: gráin. Thug an cheiridhe sin mór-fhaoiseamh dom ar an dtinneas: lagughadh mór. Siúd é tigh na mór-fhéile: mar a mbíonn fáilte roim gach n-aon is go bhfaighid déanamh maith. Is mór-fhoidhneach an duine thu is bheith ag broic lé n-a oiread teallaireachta: fulang thar barr. D'aithneóchadh éinne anois go bhfuil mór-fhuadar éigin fút ar an imtheacht atá ort: dréir do chlóidh is do dheallraimh tá fonn ort rud éigin tábhachtach nó neamhghnáth do dhéanamh. Thug sé na bliadhanta ar a leabaidh, is é a

rinne an mór-fhulang: fulang fada, trom, diachrach. Tá sé ar an bhfear is mór-ghoilighe annso, chaithfeadh sé an lá ag itheadh: d'íosfadh an seódh. Lé mór-ghean do ní phósfadh sí éinne eile ach é: grádh thar barr. Níor thug puinn tor air, mar ná raibh mór-éifeacht leis, ná lé n-a chuid cainnte: ciall ná fuaimeant. Mór-ghrádh Dé don gcinidh daonna bás d'fhagháil ar a son: grádh gan teóra. Níl mór-iontaoibh agam as mar ná taidhbhsigheann sé láidir a dhóthain dom. Ag itheadh 'n-a mór-ghreamanna: ag alpadh. Fear teann, téagartha mór-ghuailneach: guailne iontacha lé méid. Dá mhéid an mhór-ghuais do rug air níor scannruigheadh pioc é: conntabhairt uathbhásach. Go gcuiridh Dia an rath ort, sin é mo mór-ghuidhe dhuit: guidhe mo chroidhe. Tréis teipthe air go minic thug sé mór-iarracht gur éirigh leis: tástáil chómh láidir agus b'fhéidir leis. Ní chuireann sé aon mhór-iongadh orm-sa é do bheith chómh deisbhéalach san mar sin budh dhual do san do bheith: aon iongadh in ao'chor. Dá mbeadh sé gan bheith leath chómh mór-labhartha bheadh an scéal i bhfad níos fearr aige: gan leath an oiread cainnte do bheith aige. Ná bíodh milleán air mar gheall ar cad thárlaidh, mar ná raibh mór-lámh aige ann: beag baint do bhí aige leis. "Tú féin agus do mhór-leadhb", deirtear lé duine go mbíonn an iomad cainnt aige. "Mór-leaghadh ar a bhfuil aige", sin é mo ghuidhe-se dho: fán is scaipeadh ar a chuid. "Go ndéinir do mhór-leas" sin í mo ghuidhe-se dhuit: gach nidh dá fheabhas ar do shon féin. "Gan Dia dá mhór-leigeant dom, go mbeadh aon bhaint agam leis, maran b'é an t-antar agam é": Dia ghom shaoradh ar a choidreamh ná a thaithighe. An mhór-leisce ag gabháil lastuas de gur duadh leis corruighe: neamhfhonn mór aon rud do dhéanamh. Tá beart galánta déanta agat, a mhór-luaigheacht ó Dhia go bhfaghair: go gcúitighidh Dia go mór leat é. Níor bh'aon mhaith a mhór-dhóthain do thabhairt do, an saoghal mór ní shásóchadh é: go leór, leór. Le n-a mhór-lúth ní raibh fear sa cheanntar do rithfeadh leis: lé méid iongtach a reatha. A Mhóir-Mhic Dé, déin fóirthint ar m'anam: mac iongtach, cómhachtach. "Mo mhór-mhairg é" (searbhas) deirtear lé rud ná cuireann dochma orainn. Mór-mhéid: an chuid is mó: furmhór. Chrádhfaidís duine ag éisteacht lé n-a mór-mhaitheasaidhe: na rudaí móra, iongtacha, tábhachtacha a dhéinid ná déineann neach eile. Deineadh mór-mhaidhm ar an arm, nách mór nár fágadh fear beó dhíobh: ár iomlán. Déineann sí rudaidhe aite, níl mór-mheabhair aice: an oiread is go mbeadh a fhios aice cad do bheadh aice dhá dhéanamh. Níl mór-mheas agat ar an mbiadh sin is a rádh ná fuilir ghá itheadh: ní thaithnigheann sé go mór leat. "Connus tá an duine breóidhte an aimsir seo?" – "níl mór-mheisneach bídh air": níl air ach fonn beag chun ithte. Ní fhéadfainn an t-ualach so d'iomchar troigh eile, tá sé ró-mhór-mhuirearach dom: na mílte bliadhain ró-throm dom. Cailín mór-náireach ná cloisfeá focal choidhche aiste: ró-thámáilte. Seadh, tá do mór-namhaid déanta agat de anois nó riamh: namhaid nimhneach. Tá sé goirtighthe agus goirtighthe go maith, ach ní mór-nidh é, tiocfaidh sé uaidh: rud ná raghaidh ró-dhian ar fad air. An rud go bhfuilim-se ag tagairt do do bhí mór-órdlach go maith níos sia 'ná é seo: órdlach iomlán. Rud ná taithnigheann in ao'chor liom, tá sé chómh maith é do rádh leat, do mhór-órduighthe: órduighthe láidre ná fuil call ná ceart leó. Is beag rud ná gur féidir leis trácht go meabhrach air, fear mór-eólais seadh é: fios fairsing. Nuair bhuailidís lé n-a chéile dhéinidís mór-ól: ólachán trom. Dá mbeadh mór-obair air ní sheasóchadh sé í mar ná fuil an neart ná an fulang ann. Bheadh sé 'n-a mhór-oidhche anois ar a dheireannaighe atá sé is ar fhaid an bhóthair, sara sroichinn: 'n-a oidhche go doimhin. Mar mhór-olc orm-sa, dar leis, do rinne sé é chun feirge do chur orm: lé droch-aigne mhór chun mo mhasluighthe. Uaireannta bíonn tinneas fiacaile chómh mór-phiantach lé haon tinneas eile: lán-diachrach, goirtightheach. Níl aon mhór-

pháirt agam-sa den dtalamh, níl agam ach an seachtmhadh cuid: roinnt bheag de atá agam. An mhór-pheataireacht atá an leanbh so dá fhagháil atá ghá lat: an iomad tláithínteachta is ceanamhlachta. An mhór-phráidhinn do bhris a shláinte, gan eaga ná suaimhneas lé haonnidh: an ró-fhuadar is an deifir. Is gnáthach na gormáin do bheith mór-phusach: beóla móra, reamhra. D'imthigh an mhór-réim nuair d'imthigh an t-airgead: an fuadar 'san tóirtéis thar barr. "Is é an mór-rabharta ar an mall-mhuir againn é": an raidhse is an líonmhaireacht do theacht go hobann ar an ngannchúis mhóir. Is minic do lean mór-ghannchar mór-rachmas: fíor-easbhaidh iomadamhlacht ionmhais. An mhór-raidhse i gcómhnaidhe ar an mbórd aca: an iomadamhlacht de bhiadh. Mór-rath Dé ar gach aon rud go gcuirir lámh ann: toradh iongtach go raibh air. Níor lean mór-rathamhnachas é ón lá thóg sé an áit go mí-cheart: tháinig an mí-ádh air. Táid chómh dian san i gcoinnibh a chéile gur deacair mór-réidhteach do dhéanamh eatartha: réidhteach gur fiú trácht air, nó a bheadh buan. Budh mhaith é, mar tá an fhéile ann dá mbeadh mór-riar aige: cuid mhór fé n-a chómhacht nó lé roinnt. Chuir sé an oiread san déistin orm lé n-a chainnt gháirseamhail go dtáinig mór-ríodhg ionam é do bhualadh: corruighe tapaidh, mear, obann. D'fhan sé n-a mhór-rún leó go ndeaghadar 'on chré: rún ná deaghaidh riamh thársa. An mhór-shainnt chun gach aonnidh go luigheann a shúil air do bheith aige: fonn diabhalta chun a shealbhtha. Caitheadh cuir do chur sa mhór-sheol do bhí an oiread san gaoithe: an seól is mó agus is tábhachtaighe. Níor dhein a mhór-shaidhbhreas do é, d'éag ar nós gach éinne eile: aimeón ionmhais, airgid etc. Ná tabhair a thuilleadh dhom tá mo mhór-sháith agam: mo leór-dhóthain. Táid ithte 'n-a mbeathaidh ag an mór-shalachar: salachar nár bh'fhéidir cur síos air lé n-a olcas. Ní ceart d'éinne gearán a gheibheas a mhór-shaoghal gan puinn iomaird: an saoghal iomlán. Níl agus ní bheidh a mór-shaoirse ag Éirinn faid is tá cuid de i seilbh Shasana: saoirse iomlán. Dia ghod mhór-shaoradh i ngach áit dá ngeóbhair: gan oiread an fhrighe do leigeant bun os cionn ort. Mór-scalladh ort mar mhadra maran b'é mo chroidhe atá go clipighthe agat: mí-ádh trom ort. Thug an capall mór-sciúird na páirce sar ar bh'fhéidir breith air: an cúrsa go léir go mear. B'í an mhór-scrios choidhche duine chómh maith leis d'éagadh i mbláth a óige: creach throm, dhiachrach. Fear groidhe mór-spágach: cosa fada, áidhbhéile. Tighthe go bhfuil seómraidhe mór-spáis ionta: mórán fairsinge. Dá mbeadh mór-spéis agat id sparán ní fhágfá ar bóiléagar mar sin é: suim mhaith aire do thabhairt do. Ní dhéanfaidh sé mór-stór choidhche d'aon rud dá bhfuil aige, níl greim ar aonnidh aige: a chur i gcoimeád daingean. B'fhada Éire fé mhór-smacht ag Sasana: fé chuing chruaidh, dhian. Mholfainn duit gan mór-stad do dhéanamh nó béarfaidh do namhaid ort: puinn moille. Bailigh na mór-shluaighte ann anoir agus aniar: dreamanna móra. Níor fhan gas slán lé mór-shuathadh na gaoithe: corruighe millteach. Níor chuir sé aon nath ann scaramhaint leis, ní raibh mór-shuim aige ann: gan aon lúib istigh do bheith aige ann. An mór-stialladh do fuair an doras ón ngála baineadh dá lúdrachaibh é, stracadh áidhbhéil agus léasadh. Geallaim duit ná fuil mór-shnas ag teacht air dá fheabhas biadh aige: cuma mhaith shláinteamhail. Luigh leis, tá fáilte rómhat, agus bain do mór-shásamh as: oiread do thógaint agus ná beadh fonn chun a thuilleadh ort. Sa cheanntar so chómhnuigheadh mór-shliocht dá gcinidh: morán mór daoine dá síol. Is baoghalach ná déanfaidh an lá mór-sheasamh, tá an-dhroch-chuma ag teacht air .i. go n-athróchaidh sé sara fada. Bheadh sé ag eachtraighe go ceann seachtmhaine, duine mór-scéalach é: go leór leór scéal aige. Fuair sí bás lé mór-shearc do: grádh trom, doimhin. Ar mo mhór-shiubhaltaibh, agus is iomdha áit dár ghabhas, níor bhuail aon áit liom is aoibhne 'ná é: mór-chuid taistil. Fear

mór-shaothair é sin is a rian air, féach an tslacht atá ar a thighthibh: a ghníos mórán oibre. Sé a mhór-shaoilim-se id thaobh-sa mara dtugair aire dhuit féin agus gan droch-shúngc do thabhairt go mbeir thíos leis: a cheapaim go láidir. Mo thruagh é, sé fuair an mór-scannradh ón dtarbh nuair thóg sé san aer é lé n-a adharcaibh: uamha, eagla áidhbhéil roim an gconntabhairt. Níor bhaineadar mór-shubháilceas as a saoghal, aindeise is clampar i muin mhairc a chéile ortha: aon tsásamh mór. M'athtuirse is mo mhór-thuirse agus is iomdha iomard os chionn an duine: coirtheacht throm croidhe. Duine mise ná tógfadh mór-tharcuisne ó éinne: ná foidhneóchadh puinn easonóra. Bhí réim an domhain fé nuair tháinig sé 'n-ár measc ar dtúis, ach níor deineadh mór-thábhacht de: níor cuireadh an oiread suime ann is go raibh súil aige leis. D'fhear ná fuair mór-thacaidheacht is iongtach mar chuaidh sé chun cinn: cabhair mhaith, fhóghanta. Ní bheadh mór-thaise agam d'éinne a thairngeóchadh iomard air féin os chómhair a shúl: truagh ró-mhór. An trucail lán de phacaidhibh mór-thaidhbhseacha pé rud a bhí ionta: toirteamhail. Cé go rabhais ag geallamhaint d'aithnigheas ná raibh mór-thaidhreamh ar me do leanamhaint: gan puinn cuimhnimh air. Nách é a thug an mór-thaithneamh don áit gur lonnuigh sé ar fad ann: grádh is leagadh. A gcuirp, Dia linn, ag imtheacht lé mór-thaoididhibh na mara: sruthanna móra, láidre. Fuair sé mór-thaom breoidhteachta gur shaoil gach éinne ná tiocfadh sé uaidh: ionsaidhe trom, dochraideach. Tá an bata ró-lag, ní mór-theannta dhuit é: cabhair mhaith chun gluaiste nó do choimeád 'n-a sheasamh. Baineadh mór-thiomáint asam d'iarraidh teacht suas leis na buaibh brothail: cúrsa fada fé dheabhadh. Ní har an mór-thír atá sé 'n-a chómhnaidhe ach ar oileán: mín-tír. Tar éis an méid sin do rádh tháinig mór-thocht air is níor labhair go ceann i bhfad: ciúnas trom, fada. Dhein an t-iasc mór-thuiteam in aon lá amháin, ó thrí púint go deich scillinge: luigheadughadh trom i luach. Ní bhíonn súd déidheannach choidhche, bíonn sé i mór-thráth: in am go leór. Ar a bhéal féin fear mór-thréitheach seadh é, cad ná fuil déanta aige: gníomhartha iongtacha. Teasbáin dúinn do mhór-thréithe (searbhas): na héachta atáir i ndán do dhéanamh. Bíodh ár ndóchas do shíor as mhór-thrócaire Dé: trócaire gan chuimse. Nách leanamhnach an duine é agus mór-thriall fiche míle do dhéanamh do theacht ar do thuairisc: turus an-fhada. Sé mo mhór-thuairm go mbeidh saoghal an-olc ar fad ann tar éis an chogaidh: amhras láidir. Buaileadh go maith é agus é go mór-thuillte aige, mar bhí sé ró-tharcuisneach: tuillte ó thalamh. Ní bheadh mór-thruagh agam d'éinne cad d'éireóchadh do mara gcoimeádadh sé an bóthar díreach: beagán nó gan aon truagh in ao'chor. Ar a ghléastacht ataoi agus an fuadar atá fút, táir ag dul ar mhór-thurus éigin: aistear fada ó bhaile. Leig sé mór-uaill lé pian ceart nuair sáthadh an tsnáthad go ródh ann: scread mhór nimhe. Ní duine meisneamhail ar fad me ach ní bheadh mór-uaigneas orm fanacht im aonar sa tigh sin thar oidhche: faitchíos nár bh'fhiú d'áireamh. Ní ceart an-mhilleán do bheith air ná rinne sé é in am, mar ná raibh mór-uain aige air: breis eaga. A thruagh é an t-anam bocht mór-ualaigh: lán de pheacaidhibh. Cóisir iongtach, ghalánta dob eadh í go raibh mór-uaisle na cúige láithreach: daoine árd i gclú, i gcéim 'si bhfuil. In aon áit dá mbíonn sé bíonn sé ghá chur féin in iúil, fear mór-ughdaráis é: tighearnamhail, an-charráisteamhail. Rud chómh suarach lé suim bheag airgid do thógaint ní dhéanfadh é lé mór-uaisleacht: meanma árd: ró-mhór-chúis aigne. Leis an oiread san daor-smachta agus bhí ortha b'éigean dóibh mór-umhlóid do dhéanamh ar gach saghas slighe: géilleadh iomlán d'ughdarás. Níor mhaith liom bheith ag brath air, ní mór-urra ar aonnidh é: taca gurbh iontaoibh muinghin do bheith as. An iongadh é do bheith gan mhaith is an mhór-útamáil atá fachta: láimhseáil gan aire.

mór: *f.1.* duine nó rud tábhachtach, mór; mórán, cuid mhaith d'aonnidh. Dá mbeadh a bheag ná a mhór céille aige ní raghadh sé amach lá stroimeach gan cosaint cheart éadaigh: aon phioc in ao'chor. Tamall budh dheacair teacht eatartha anois tá an ghráin mhairbh aca ar a chéile, a chara, ní raibh mór riamh ná beadh beag: is minic minic go dtuiteann an dream is muinnteardha amach lé chéile. Ní bhíonn a mhór ach mar a mbíonn a bheag: as mhionrudaidhibh a déintear an carn: ina bhrobh is 'n-a bhrobh a bailightear an beart. Ní chuirfeadh sé a bheag ná a mhór d'iongadh orm cad dhéanfadh an duine sin: táim lán-deimhnightheach go bhfuil sé i ndán aonnidh do dhéanamh. Is é a bheag ar a mhór agat é gur cuma liom cad is fonn ort do dhéanamh: an scéal go léir in aon fhocal amháin. Duine maol, íseal seadh é, gan mhór-is-fiú: mustar, tóirtéis: uallachas. Chuarduigheas árd is íseal do gan radharc beag ná mór d'fhagháil air: oiread agus amharc súl. Is mór de mhuinntir an cheanntair a bhí sa tsochraid sin indiu: an-chuid daoine. Ní mór díom ná fuil goirtighthe gen leagadh do fuaireas: tá furmhór mo chuirp goirtighthe. Ní mór a gheóbhfá a dhéanfadh beart shuarach mar sin: cuid bheag dhaoine a dhéanfadh é.

mórachas: *f.1.* luthgháir; gáirdeachas, meidhréis. Is mór go léir an mórachas atá sa tigh seo amuigh go bhfuil clann óg ann: lúthgháir. Ar an ngáiridhe is an sult atá ort tá cúis éigin mórachais agat: do chroidhe bheith tógtha lé háthas.

móradh: *f.* (*-rtha*) uaisliughadh, árdughadh, moladh. Fear do mhórtha fear do cháinte: níor lugha ag duine thu do mholadh 'ná a mhalairt. Gach tír chogaidh aca ag móradh a gcómhacht féin, ghá shuidheamh go sáruighid ar gach cuma: ghá moladh go hárd.

mórán: *f.1.* faic nó fíor-bheagán, cuid. Bheadh mórán mór breise foghlumtha aige dá gcuireadh sé clódh air féin: an-chuid Éireann. Mórán a dhéanfadh é is mórán ná déanfadh: cuid mhaith daoine. Ní fiú bheith ag caitheamh leó, ní mórán deifridheachta atá eatartha, is cosamhail lé Tadhg Riabhach Domhnall Gránda: ní mór: cuid bheag. Níor mhór dhuit cur chuige mórán níos túisce (luaithe) d'fhonn agus bheith in am, mar cúrsa an-fhada seadh é: tamall fada roim ré. Tá an téad ró-ghearra mórán: an-ghearra ar fad ar fad. Ag maoidheamh atá sé? Chuala mórán dá leithéid cheana: cuid mhór a bhíodh ag maoidheamh. Níl mórán díom lé n-a chéile anois, is mithid sin, cá ngeóbhadh an aois?: claoidhte nách mór. Dá mbeadh mórán aige níor mhaith an earra é: cuid mhaith d'aon rud. "Óir tá mórán ar ngairm agus beagán ar na dtoghadh" (Matha XX. 16): na sluaighte daoine. "Tá mórán agam lé labhairt agus breithniughadh bhur dtimcheall-sa etc." (Eóin VIII. 26): cuid mhaith cainnte lé déanamh agam. "An bhfuil mórán agat orm? trí bliadhna?": breis aois. An bhfuil mórán sa tsiopa san ort?: fiacha. Ar dheireadh an chúrsa ní raibh an mórán san eatartha: ceann (duine aca) chun cinn go mór. Ní raibh cuid a ráidhte mórán agam admhuighim níor cheart dom é do rádh: cóir mhór chun san do rádh. Fear an mhóráin an té go mbíonn an fháilte roimis: an bhreis d'aon rud. Níor fhás sé mórán riamh: ní tháinig aon toirt ann. Tá leath-réal na hÉireann mórán níos lugha 'ná leath-réal Shasana. Níor cuireadh mórán air is an chúis throm a bhí air: fíneáil: braighdeanas. Dá mbeadh mórán air ní bheadh mórán air ní bheadh sé ag gabháil amach is ag obair: aon rud bun os cionn lé n-a shláinte. "Luighfidh tu síos mar an gcéadna agus ní chuirfidh éinne eagla ort, do dhéanfaidh fós mórán athchuinghe chughat" (Iob XI. 19):

cuid mhaith athchuirte chun cabhartha. Nách ar an nduine ná bíonn mórán moille nuair thagann an uain: gur ghearrid an mhoill ag fagháil bháis é. Tá sé dulta mórán as annsan lé déidheanaighe: dulta i mbochtanacht: luime. Ní bhfuair sé mórán ar an stoc: luach mór. Dubhart leat gan bac tharais ná beadh mórán leis agat: buaidhte leis. Bórd dealbh dob eadh é, ní raibh mórán leis aca: fíor-bheagán annlainn. Ní bhaineann mórán mórán as beagán: is geairrid lé dul cuid bheag ameasc cuid mhór dhaoine. Is luath do cailleadh é, níor bhain sé mórán as: ní raibh saoghal fada aige. Bíodh muinghin agat as, raghaidh sé sin mórán fós: cuid mhaith chun cinn. Imridh air, tá sé mórán: go hárd san imirt.

morc: *f.1.* clais, carn. Cuireadh síos morc mór teine lé fuacht na hoidhche go dtéidheamhóchadh na daoine iad féin: carn mór, toirteamhail. Tuitighthe chun feóla atá sé go bhfuil sé 'n-a aon mhorc amháin: ailp mhór, thoirteamhail, bheathuighthe.

mór-chóir: *b.5.* go leór leór lé n-ithe is lé n-ól; dlistineacht cheart, togha aire. An rud is annamh is iongtach, ach tigh bórdála é go mbíonn mór-chóir ann, níl aon rud a iarrfá ná go mbíonn ann go raidhseamhail: gach saghas bídh go flúirseach. Tréis na mór-chórach go léir féach gur bhuaidh fear nár ith leath a dhóthain riamh air: iomad bídh dá fheabhas. Mara mbeadh an ceart agus an mór-chóir do bheith agam chuige is fada buidhe go ndéarfainn aon rud as an slighe leis: é dlistineach ar fad agat an rud a dheinis.

mórdha: *a.n-dh.* uasal, tóirtéiseach, uallach, céimeamhail, oirdhearc. Nách mórdha ghluaiseann long mhór fé láintseól: cuma líomhtha, iongtach uirthi ná féadfá gan tnath do chur innte. Daoine ró-mhórdha iad san ionta féin, dar leó gur cinidh uasal iad seachas aon dream eile tímcheall: oirdhearc árd i bhfuil 'si gcéim. Budh mhórdha an lá aige é nuair ghluais sé trí shráidibh na cathrach is gach éinne ag sléachtaint 'sag umhlughadh dho: uaibhreach, ceann-árdach, tóirtéiseach. Ní gábhadh dhuit bheith leath chómh mórdha, cad as gur thugais é: mustarach: tuairmidhe is baramhal mór agat asat féin. Tá sráideanna in Áth Cliath go bhfuil sean-tighthe ionta chómh mórdha is gheóbhfa in aon chathair sa domhan uile: áluinn, slachtmhar, taithneamhach d'amharc súl.

mórdhacht: *b.3.* árd-chéim; uaisleacht, glóir-réim; uallachas, mustar. Lé mórdhacht an chinn airm tugadh mórán teideal do: a fheabhas agus a mhór-eólas. B'iongtach é mórdhacht tighthe na n-uaisle, togha is rogha gach nidh lé n-itheadh is lé caitheamh aca: a bhfeabhas is a sár-mhaith ar gach cuma: a sárughadh ar áilne, slacht, méid, féile etc. Ná cuir aon tsuim ann, níl ins an ach a bhfeicir – níl ann ach mórdhacht: teasbántas follamh. Sléachtaim duit, a dhuine uasail, léd mhórdhacht (magadh): t'aoirde céim: t'fheabhas thar chách eile.

mórdháil: *b.2.* lúthgháir; áthas mór; maoidheamh; uallachas, poimp, cruinniughadh mór. Creid mise leis in am is go mbeidh sé siúd réidh libh nách mór an mhórdháil a fhágfaidh sé oraibh: puinn measa. Níor fhág an lá aon mhórdháil orm, sin í an fhírinne, chuaidh sé im ghoile ar fad: chuaidh sé im choinnibh: níor éirigh liom ar aon chuma. Chuirfeadh sé mórdháil ar éinne an bheart thar barr a rinne sé sin: meas aige air féin agus lúthgháir. Ní haon mhórdháil duit a bhfuil déanta agat, do bheadh náire ar fhurmhór na ndaoine 'n-a thaobh: rud gur cúis tóirtéise é. Mórdháil an domhain do bhíonn as a chapall aige: bíonn sé ghá moladh go mór agus go minic. B'fhuraist aithint nách fada sheasóchadh an

mhórdháil nár thaithigheadh: an t-éirghe anáirde as rudaidhibh nár dhual do bheith ann. Bainfidh an saoghal agus an aimsir (agus is iad is fearr chuige) cuid den mhórdháil díot-sa fós: tóirtéis. Beidh mórdháil feirmeóiridhe sa bhaile mhór tímcheall soláthair síolta is leasuighthe: cruinniughadh mór.

mórdhálach: *a.* áthastamhail, lúthgháireach, meastamhail, maoidhteach, uallach, taidhbhseach, maordha, maigeamhail, uaibhreach. Bheinn níos mórdhálaighe go mór asat ach gan leath oiread cainnte do bheith agat: is mó go mór an meas do bheadh agam ort. "Ní raibh an mórdhálach riamh éadálach": an dream is taidhbhsighe is iad is lugha maoin. Ní raibh bean ag siubhal na sráide budh mhórdhálaighe 'ná í: níor dhóigh léi go raibh a leithéid eile ann: budh thóstalaighe: budh mhór-chúisighe: is mó a cheap gur thábhachtaighe is gur sháruigh i dtréithibh ar chách. Nuair labhradh leis, in ionad freagairt is amhlaidh do thóg sé a cheann go mórdhálach is scuab thart: lé meas fé: ar chuma gur dhóigh lé duine go raibh táir aige ar an ndomhan mór. Táir chómh mórdhálach annsan lé huair an chluig as a bhfuil déanta go gceapfadh éinne a chreidfeadh thú gur gaiscidheach thu: maoidhteach: ghod mholadh féin gan aon deallramh in ao'chor. B'fhuraiste dho bheith ameasc daoine budh thairbhighe dho 'ná sinne, níl sé mórdhálach: níl sé de thóirtéis ag baint leis gur dhóigh leis ná fuilimíd 'n-ár gcoidreamh oireamhnach do.

mórdtímcheall: (**mórthímcheall, mór-thímcheall**) *a.fh. 7 do-bh.* (**mórdtímcheall** mar dho-bhriathar, **mórdtímcheall** mar ainmfhocal) Thug sé mórdtímcheall an ghuirt fiche uair sarar stad sé: gabháil tímcheall i bhfáinne. Thugas mórdtímcheall an pharóiste gan oiread do bhualadh liom agus sháiseóchadh me: thaistealas é ó chúinne go cúinne. Ná bac san, leig leis an turus so, bíonn an roth ag casadh mórdtímcheall i gcómhnaidhe: ag gluaiseacht gan stad. An rud go bhfuilir ag gearán air galar seadh é atá ag gabháil mórdtímcheall: atá coitcheann ameasc na ndaoine. Cas mórdtímcheall go bhfaghad amharc maith ort, féach ar fhásais puinn: bí ag casadh go mbeidh t'aghaidh airís mar a bhfuil sí anois. Maidir lé saothar ag eisean is amhlaidh atá an cómhgar chun an bhídh aige is mórdtímcheall chun na hoibre: do chur aistir air féin ón obair lé dochma roimpe. Chuir sé cos i dteannta, ní raghadh órdlach eile agus d'iompuigh mórdtímcheall agus ar ais leis: d'iompuigh a aghaidh sa treó 'n-a raibh a dhrom. Buaileadh mórdtímcheall na súl é: sa treó san. Dá bhféachfá mórdtímcheall ort féin an bhfeicfeá éinne mar thu, fiafruighim díot: ameasc na ndaoine id chómharsanacht. Táir ag cur mórdtímcheall ort féin bheith ag gabháil an treó san: aistear mór. Riamh níor bh'eól dom é do dhéanamh aon rud i gceart ach mórdtímcheall chun gach nidh: an tslighe mhall: tuathalach. Riamh, riamh bhíodh sé ag cainnt i gcoinne creidimh, anois ní fheicim neach is cráibhthighe 'ná é, is mór an casadh mórdtímcheall é: athrughadh iomlán. Téighir ag cainnt leis, tair mórdtímcheall air ar shlighe éigin chun airgid d'fhagháil uaidh: bí ag meallaireacht air go bhfaghair é. Tá t'ainm mórdtímcheall anois: leathta go fairsing. Ní fhéadfadh sé, agus é do shaoghalughadh airís gabháil mórdtímcheall orm-sa: me do mhealladh chun pé rud a bhí uaidh d'fhagháil. Gheóbhad mórdtímcheall i dteannta a chéile i gcómhnaidhe: do shíor i bhfochair 'si gcuideachtain a chéile. Gaibh mórdtímcheall airís air: dein aith-shiubhal air: scrúduigh is breithnigh airís é. Gaibh mórdtímcheall ar an gcoirce sin: cuir aistear ort féin.

mórtach: *a.* uaibhreach, lúthgháireach, tóirtéiseach, áluinn, taidhbhseach. Tigh breágh mór, mórtach gurb aoibhinn leat amharc air: a sháiseóchadh do shúil agus do chroidhe. Tugann an chulaith bhreágh san cuma mhórtach ort: taithneamhach, snasta. Gan amhras budh mhórtach an clódh a bhí ar a hata aice: maigeamhail. Beidh cuideachta mhórtach ann anocht gan easbhaidh bídh ná dighe ná caitheamh aimsire ortha: áluinn, lúthgháireach. Dhéanfadh sé an bheart chómh maith gan bheith leath chómh mórtach is taoi-se gan meas madra agat ar éinne: tóstalach: tóirtéiseach: iomad tuairme agat asat féin.

mórtas: *f.1.* meas mór, tóstal, tóirtéis; deiliús, borrachas. Is mór an mórtas go deimhin d'fhathach fir mar thu an bhuaidh d'fhagháil ar thruaghán fir: tóirtéis: meas as do ghaisce. Tráthnóna thiar bhí mórtas air as an méid oibre a bhí déanta aige agus a feabhas: meas mór aige air féin tríd sin. Lé mórtas mór duit dhéanfainn cuid mhaith dhuit: mar chomaoin. Lé mórtas ort do bhím ag déanamh dánaidheachta ort: muinnteardhas. Seadh, déarfainn ná fuil puinn mórtais anois air tréis na snaidhmeála atá fachta aige: puinn maoidhimh ná fonn chuige. Ar an gclódh is na gáiridhe atá air tá mórtas éigin air: girréis croidhe.

mórtasach: (**mórtaiseach**) *a.* uaibhreach, tóirtéiseach, tóstalach, maoidhteach, deiliúsach, lúthgháireach. An lá budh mhórtaisighe dá saoghal an lá do phós sí: bhí a croidhe 'sa haigne go sásta suairc: budh lúthgháirighe. Ná bí chómh mórtasach san is ná tabharfá ach freagra grod ar éinne: deiliúsach: ró-mheastamhail ort féin. Ní gábhadh dho bheith chómh mórtasach as a chuid, tháinig sé go bog air, is beag dá chuid féin alluis ann: maoidhteach: síor-mholtach as. Bean mhórtasach dob eadh í, is nuair do heitigheadh í, ní iarrfadh ná ní ghlacfadh airís. Tá sí chómh mórtasach lé péacóig: uaibhreach: tóstalach.

mortlaidheacht: *b.3.* feólmhaireacht, beathuightheacht is truime. Ag tuiteam chun mortlaidheachta chómh mór san nách mór go bhfuil ann siubhal: aindeisidheacht le cothughadh feóla.

mos: (**mus**) *f.1.* boladh breágh cumhra; lionn déanta go tacrach go mbíonn mianach na biotáille ann agus a thugas boladh cumhra aoibhinn uaidh. Buidéal muis. An bhfaghann sibh an mos éisc atá annsan: boladh na híle a bhíos mar a mbíonn mórán éisc fé loch. Chaitheamair teicheadh leis an mos a bhí ón ainmhidhe lobhtha: boladh gránda, breán.

mosach: *a.* go ndroch-bholadh, bréan. Mar a gcaithtear trufais na cathrach déineann áit mhosach de: go mbíonn boladh bréan, mío-shláinteamhail uaidh. Cuir féd shróin scrogall an bhuidéil sin is gheobhair go bhfuil mosach: fuar-bholadh uaidh.

mothaidheacht: *b.3.* braithstint, motháltas. 'Sdóigh mhuis dá mhéid é an t-ualach a bhí orm ní raibh aon mhothaidheacht mhór agam air go dtí go rabhas ag dul i gcoinnibh an aoird: níor bhraitheas go mór é. Dá mhéid é gála na hoidhche airéir ní raibh aon mhothaidheacht againn air, áit fhoithineamhail atá againn: mothúilt: braithstint go raibh sé ann. Neamh-mhothaidheacht ar fad seadh é, fuacht ná teas ní chuireann air: ceal mothála: ní ghoillid pioc air: neamh-chradhscal. Dá mbeadh ar bhain leat marbh ní

bheadh aon mhothaidheacht aige dhuit: braithstint taise nó truaigh. Ní fhéadfainn a dhearbhadh gur chuala é, ach bhí mothaidheacht éigin agam air: braithstint, mothúilt.

mothúil(t): *b.3.* múscailt, braithstint, mothughadh. Caitheann na daoine mothúilt an-mhoch chun bó do chrudh i gcóir tighe an uachtair: múscailt as a gcodladh. Lé n-a neart dá méid ualach do cuirfí air ní bheadh aon mhothúilt aige air: ní ghoillfeadh a thruime air. "Is oth liom go bhfuil an iomad airgid dhá chaitheamh agat" – "níl aon mhothúilt agam air, tá sé siar síos agam": ní bhrathaim faic chun deiridh leis. Nuair bhí an fiaclóir ag stathadh uaim ní raibh aon mhothúilt agam air: níor bhraitheas beag ná mór é. Tar éis mothála dhom d'éirigheas: dúiseacht. Ní hí an mhothúilt chéadna a bhíos ges gach éinne ar an bhfuacht: ní mar a chéile ghoilleann ortha.

mothálach: *a.* braithsteanach, luathghointe, leóchaileach, péasóideach, tógálach. Duine mothálach seadh é, an rud is lugha ar domhan thógfadh sé ort é: so-ghoirtighthe: fuaraiste uabhar do chur air. Codladh an-éadtrom a dhéinim, táim an-mhothálach: is furaiste me do mhúscailt. An bhfuilir mothálach as an bpriocadh snáthaide sin anois?: an mbrathair é? An uair do bhí buadhairt ort dar go deimhin bhíos an-mhothálach duit: truagh is taise agam duit: ghoill do chás orm. Is geairrid a fhéadfaidh neach focal do labhairt leat táir chómh mothálach san: tógálach: tógair gach nidh 'n-a mhasla olc.

mothall: *f.1.* lomra, carn gruaige, scamall scothánach. Rug an bheirt bhan ar mhothall a chéile ar mbeith ag bruidhean dóibh: chuadar i gcochall a chéile: in achrann fuilt a chéile. Caith dhíot an mothall: bearraidh an folt atá i bhfad ró-fhada. Do bhí mothall ar an gcaoire: lomra trom. Ní fuláir nó is folláin an fear é ar an mothall atá ar a ucht: fionnadh tiugh, trom. Laisteas bhí mothall sa spéir ná raibh aon deaghchuma air: scamall trom, dorcha. Aon fhocal amháin a déarfá leis sin nuair bheadh sé id mhothall: phreabfadh chughat lé droichmhianach. Faigh cíor agus réidhtigh an mothall: folt tiugh gan cóiriughadh giobalach.

mothallach: *a.* tiugh-ghruaigeach, giobalach, lomrach. An ceann mothallach atá uirthi, ní dhéanfadh aon chíor lámh air: gliobach, giobalach: tiugh, trom gan chóiriughadh. Caora mhothallach: go lomra trom, aindeis. "Is minic a bhí braimichín mothallach n-a chapaillín mhustarach": braimichín gan chlódh go ndéanfadh capall maith dhe.

mothalluighim: *b.a.* suathaim an folt; corruighim mé féin; músclaim; tagaim chun anamamhlachta. Go gleóidhte, slíogtha, scuabtha bhí a chuid gruaige go dtáinig duine éigin a mhothalluigh í: a dhein ionnramh uirthi: a dhí-chóirigh í. A leinbh, mothalluigh tú féin chun scoile nó beir déidheannach: corruigh agus brostuigh. Mothalluigh an teine sin tá sí an-mharbh: faigh an tlúgh agus cóirigh í. Mara mothalluighir tu féin agus an díomhaointeas do chur uait is fada buidhe ód chuid oibre do bheith déanta in am agat: corruighe agus luathughadh. Dá mhéid glaodhach a deineadh air bhí stair mhór ann sar ar mhothalluigh sé sa leabaidh: chorruigh sé chun anamamhlachta. Chómh luath agus bhraith an girrfhiadh an glór is mear do mhothalluigh sé é féin: léim sé go pras as a chanach. I gcionn seachtmhaine nó mar sin mothallóchaidh na feirmeóiridhe iad féin chun an earraigh: cromfaid air.

mothallughadh: *f.* (*-uighthe*) corruighe, múscailt, teacht chun anamamhlachta. Bí foidhneach anois, ní choingbheóchad moill nóiminte ort, táim ag mothallughadh ar mo chroidhe díchill: ag luathughadh. Díreach agus an gadaidhe ag oscailt an dorais baineadh preab as mar bhraith sé duine éigin dar leis ag mothallughadh sa leabaidh: ag corruighe mar bheadh ag dúiseacht. Sé an fear céadna go deó deó é, dá mhéid tafanta is meallaireachta do dhéanfí air, aon mhothallughadh thar an sean-ghéata ní féidir do bhaint as: anamamhlacht. An cath ar siubhal anois lé seachtmhain gan aon mhothallughadh déanta aca a chuirfeadh in iúil go rabhadar ábalta ar aon staonadh do chur leis an namhaid: aon fhoillsiughadh in ao'chor. Ar an uain mhoch go bhfuilim ag tagairt di ní raibh aon mhothallughadh in aon áit ar fuaid na cathrach: éinne éirighthe, ná tímcheall.

mothaolach: *a.* saonta, leochaileach, tógálach, luathghointe, cráidhteach. Duine bocht mothaolach gan aon pheaca é: saonta, gan cham, gan chleas. Níl san in ao'chor chómh mothaolach is budh dhóigh leat ar a chainnt is ar a imtheacht, dá mb'áil leat é do ghriogadh seadh chloisfeá na diairmínidhe: saonta: gan urchóid: réadhchúiseach. "B'é an lá dóighte dhom an lá do phósas fear go n-imthigheann gach aon rud chómh mothaolach as a lámhaibh is a imtheóchadh uisce trí n-a ladhrachaibh": neamh-aireach. Nuair chídhfeá an chuma mhothaolach atá air ag gabháil an bhóthair budh dhóigh leat ná leaghfadh an t-ím 'n-a bhéal: bog, neamh-urchóideach.

mothaolaidheacht: *b.3.* saontacht, neamh-urchóid, réadh-chúiseacht. Níor ró-dheacair díbh lámh do dhéanamh air ag margáintidheacht mar tá an iomad mothaolaidheachta ag baint leis, níl bhur ngéarchúis-se 'ná bhur ngliocas ann: saontacht, ceal bheith glic, aibidh ar leathchuma nó éagcóir do thabhairt fé ndeara. Tá an iomad mothaolaidheachta ann go dtuigeadh sé cad tá ar siubhal againn, labhair leat: ceal géaraidheachta air.

mothaolaidhe: *f.4.* duine saonta, réadh-chúiseach, neamh-urchóideach. Do déintí a lán cleas is magaidh ar an mothaolaidhe gan aon mhotháilt aige ortha, ní fheadair sé a mhalairt bhí sé chómh neamhghéar san: duine gan urchóid nár bh'eól do cam ná díoghbháil. Bhí léigheann is eólas air agus fós mothaolaidhe dob é, b'fhuraiste clis d'imirt air is níor dheacair gabháil tímcheall air: duine réadhchúiseach ná raibh aigne claon lé mí-cheart.

mothalachán: *f.1.* duine nó ainmhidhe go mbíonn gruaig nó clúmh trom gioblach, neamhghasta air. Ní mór go n-aithneófá in ao'chor anois é de gharsún a bhíodh chómh snasta gasta tá sé n-a mhothalachán ar fad anois: gruaig fhada, thiugh ar a cheann is clúmh agus féasóg ar a aghaidh. Mothalachán capaill aige ná tabharfá coróin air: atá lán de chlúmh.

mothrach: *f.1.* talamh fliuch sléibhe. Mothrach ná tabharfadh faic d'ainmhidhe ná do dhuine, go mbeadh uisce go glúinibh ort in áiteannaibh ann: talamh bog fliuch ná tabharfadh féar ná gráine.

mothughadh: *f.* (*-uighthe*) braithstint, tabhairt fé ndeara, cloisint, teangmháil, aireachtaint, motháilt, ceann do thógaint de; cóiriughadh; múscailt. Díreach tar éis mothuighthe dhom is gan ach mo shúile oscailte agam: múscalta as mo chodladh. Nuair

bhíonn suan air sin dá mbeadh smúit dhá bhaint as na fallaidhibh ag tóirnigh ní bheadh aon mhothughadh aige air do chodlóchadh sé leis: braithstint ná clos. Ar chuma éigin lé seachtmhain bhíos an-neamh-shocair im aigne bhí sé dhá mhothughadh agam go raibh rud éigin ar mí-cheart: ag rith trím aigne: ag déanamh meargóidh dom aigne. Pé rud atá air, is tá sé luighte anois leis, tá sé ghá mhothughadh lé fada: ghá aireachtaint: ghá bhraithstint go raibh sé ag gabháil de. Tá eagla orm go bhfuil a thréimhse suas níl aon mhothughadh in ao'chor ann: aireachtaint ar cad tá ag tárlachtaint ina thímcheall ná dhe. Nách meirbh, múchta an lá é, gan aon mhothughadh (gaoithe) san aer: corruighe dá luighead. Duine so-thógtha me, leig dom, is furaiste mothughadh feirge do chur orm: me do spreagadh chun feirge. Níor chás leis an saoghal mór do bheith fé bhuadhairt duine gan mhothughadh seadh é: gan aon bhraithstint taise 'n-a chroidhe. Ná bíodh aon eagla ort go ngoirteóchair me, níl aon mhothughadh agam ort: ní bhraithim do theangmháil liom. Nách dóigh leat ná go bhfuil mothughadh an Luain sa lá indiugh? toisc an lae shaoire indé is dócha: mothúilt, braithstint: taidhbhseamh gurb é atá ann. Deirtí go raibh súil mhothuighthe aige agus bhíodh scáinteacht ar chuid mhór é d'fhéachaint ortha: súil choirighthe nó mhillte a dhéanfadh do dhíoghbháil ar dhearcadh ort. Ní le faid na haimsire is mó táim ag mothughadh uaim, bíonn brón orm dá cheal: is eadh ghoilleann a easbhaidh orm. Ní haon mhothughadh ort mise, ní nách iongadh san, cá bhfuil mo chuid ná mo ghaol leat?: goilleamhaint. Sin clog chun mothuighthe: clog graifne. Tabhair fé ndeara anois é, a chorathónaighe atá sé, tá rud éigin ag mothughadh ann: rud éigin ar maoith aige: ag corruighe chun gnímh éigin. Chídhim ar na páipéaraibh go bhfuil mothughadh beag ag teacht ar an stoc airís: breis luach is breis dhá cheann. Ní tháinig mothughadh grádha riamh air: níor dhein sé an oiread agus a chroidhe do chorruighe. Nách bog, taithneamhach an mothughadh mothughadh sróile: an teangmháil leis.

mothuighim: *b.a.* 7 *n-a.* brathaim, brathaim uaim, tugaim fé ndeara, cloisim, cóirighim, músclaim, goilleann orm. Bhí an mhaidean caithte sar ar mhothuigheas bhíos chómh tugtha san tar éis an lae roimhe sin: dhúisigheas. Nách cos-éadtrom aicillidhe do tháinig sé nár mhothuigh neach ag coilleadh an tighe é: bhraith: chualaidh. Cluas lé héisteacht chómh géar san air go mothóchadh sé luch ag siubhal: chloisfeadh nó bhraithfeadh. Is iomdha a mhothuigheas an rud tímcheall an tighe 'ná chuala é: bhraitheas: thaidhbhsigheas trím chorp dom é. A mhaonach (bhaonach) ní uair ist ló a mhothuighim uaim thu ach gach aon uain de, a thruagh tu ar éagmhais: braithim do cheal: goilleann sé orm gan tu do bheith im aice. Ní mhothuigheann an béal fliuch an béal tirim: an té go mbíonn a thart sáithighthe ní ghoilleann fear an íota air. Ní mhothuigheann an sáitheach an tráthach ocrach: an té ná bíonn aon easbhaidh ar a bholg ní ghoilleann bolg follamh an fhir thall air. Móthófar amuigh fós é siúd cé gur beag an comhthrom a tugtar do: nuair bheidh sé marbh is annsan a cídhfear go soiléir dóibh cad dob fhiú a shaothar. Ní mhothóchadh duine cóngamh do thabhairt uaidh anois agus airís, ach i bpáirtidheacht bheith ag síor-lorg air níl aon deallramh leis: ní bhraithfeadh sé go ngoillfeadh sé air. Mhothuigheas ar a chuid cainnte is na geámaidhe a bhí fé ná raibh aon fhonn bhaile air is d'fhágas mar a raibh sé é: d'aithnigheas: thugas fé ndeara. Mothuigheann orm féin go bhfuil athrughadh aimsire air: ar an slighe bhraitheann mo chorp. Tá sé árd-aiste anois níor mhothuigh sé riamh ina shaoghal chómh maith: ar an slighe mhaith atá a chorp 'sa shláinte. Cheapas ná raibh duine ná daon i ngiorracht na mílte dhom; níor mhothuigheas faic in Éirinn gur leigeadh béic gem chúl: níor thugas fé ndeara: níor taidhbhsigheadh

dom. Cuideachta bhreágh fir ná móthófá an lá ag éisteacht leis: ní chuimhneófá ar imtheacht na haimsire: ní thuirseóchadh sé choidhche duine. Níor mothuigheadh dom cad é an feall a bhí dhá dhéanamh orm go dtí go raibh sé buille déidheannach agam: níor taidhbhsigheadh: níor buaileadh im aigne beag ná mór. Níor mhothuigh sé an deoch ag dul 'n-a cheann gur thuit sé 'n-a mheig: níor thug fé ndeara: d'éaluigh sí air. Chodail sé amuigh lá is mothuigheadh é: milleadh é: rinne an "dream aerach" (sidheóga) a dhíth. Ní mhothóchadh cuil a buillidhe: gan feidhm. Mothuigheadh as an méid adubhairt sé ná raibh mór-fhonn air aon chóngnamh do thabhairt uaidh: thuigeadar san as.

mothuighthe: *a.r.* braithte, gonta, tugtha fé ndeara, múscailte. Is fada mothuighthe agam air ná raibh sé ar fóghnamh, ar an slighe a bhíodh sé ag gearán: braithte: tugtha fé ndeara. Ní rabhas mothuighthe in ao'chor ar an am san, bhíos im shámh-chodladh: dúisighthe. An bhfuil aon rud mothuighthe agat ag corruighe lasmuigh?: cloiste: braithte. Tá an bás so mothuighthe go maith agam: goillte orm.

mothuightheach: *a.* braithsteanach; so-chorruighthe. Duine mothuightheach seadh é is beag an rud a chuirfeadh air: braithteólach: móthálach. Táim an-mhothuightheach, ní mór an pian is féidir liom d'fhulang: goilleann a luighead péine orm. Is duine mothuightheach é sin dá mbeadh aon rud ort: bhraithfeadh sé dhuit.

muaireach: Dar muaireach! ní chorróchad as an mball so do neach beó: dar fiadh!

muc: *b.2.* ainmhidhe crúbach tighe a íosfadh glasraidhe is feóil; aon rud i bhfeirm muice; roc. B'fhearr dhi banbh muice do thógaint 'ná an bleaigeárd mic sin: droch-mhac é. Nách tuaisceartach an chuma atá air, muc ar gach malain leis: na mailidhe crapuighthe i ndrainnc, cómhartha mío-shásta. Nuair loirgeadh deoch ar cáirde air tháinig muc ar gach malain leis: tuaisceartacht is mío-shásamh. Ná ceannuigh choidhche muc i mála: aon rud gan é d'fheicsint, do bhreithniughadh is do scrúdughadh ar do thoil. Má bheirir choidhche ar mhuic beir ar earball uirthi: mar sin is fusa a choimeád. Ag ithe ar nós na muice: ag alpadh go craosach mí-bhéasach. Is dáine bean ná muc is bhuaidh muc ar an ndiabhal!: níl aon teóra lé dánaidheacht muice. Níl neach i mbun glanchair an tighe úd gach aon rud ann chómh salach le muic: an-shalach ar fad. "Silimide is muc aige ag dul ar an aonach": tagairt do dhuine ró-righin, ró-mhall gan treóir gan tapa. "Scaladh mór ar bheagán olna mar dubhairt an fear is é ag lomadh na muice": duadh mór lé huisce te is gan puinn clúimh uirthi. Is iad na muca ciúine a itheas an mhin: an té is lugha gleóidh is iad is mó a ghníos gníomh i nganfhios. Tá éisteacht na muice bradaighe aige, ná labhair árd: clos géar: a chluasa oscailte ag breith ar gach rud a bheadh ar siubhal (b'fhéidir n-a thaobh féin). Nár chaithidh an mhuc an laighincis: deirtear lé héinne go mbíonn éadach galánta nár ghnáth nó ná hoireann do air. Nuair dheineann duine rud ná beadh tuairm do, deirtear "is maith an léim ó mhuic í": obair gan choinne ó dhuine gan deallramh. Ná bí ar nós na muice liom: bí béasach liom. Nuair bhíomair óg dheinis muca sneachtaidh: cairn mhóra neamh-chúmtha ó bheith á n-iomlosc féin ann. Mar a chéile dhuit bheith ag tabhairt a thuilleadh dho, tá an oiread san aige cheana, nó bheith ag cuimilt blonaige de thóin muice méithe: ag cur na breise in áit ná fuil gábhadh leis. Dá gcuirtheá síoda buidhe ar mhuic b'é binneas a béil gnúsacht: mar a mbíonn tréithe i nduine ó dhúthchas ní dhéanfadh aon oileamhaint a fheabhasughadh: tá daoine ann is ní fhéadfaidís bail do shuimiughadh.

Radharc aoibhinn muca mara ar thóir an bhradáin fearna: iasc farraige. D'imthigh an mío-ádh ar fad air lé beathuightheacht tá sé chómh reamhar lé muic: ró-reamhar. Chuirfeadh sé muc ag aiseag bheith ag éisteacht leis ag maoidheamh as féin: bheifeá bréan ge n-a chuid scaothaireachta. Ó phós sí an fear saidhbhir úd tá sí ar mhuin na muice: ar a thoil féin: go maith as: go seascair sa tsaoghal. Péarlaidhe i gcluasaibh muc aon rud taithneamhach do thabhairt do dhuine thuathalach, do-thuigseanta: rudaidhe luachmhara do thairscint do dhuine ná féadfadh a suimiughadh n-a gceart. Sé col an chollaigh lé n-a mhucaibh féin bheith ag suainseán ar a mhuinntir: ionnsaidhe gan deallramh. Cuireann sé creithniughadh orm féachaint ar an muic mhná san, tá cuma chómh daibhceach san uirthi: bean ná fuil deallramh ró-mhín, ná ró-chneasta uirthi. Tá sí n-a muic aingidhe: banbhaidhe ar iomchar aice. Is cuma nó muc fear gan seift: duine ná bíonn meabhraidheacht ann chun cuimhnte ar rud éigin is é i bponnc ní fiú faic é. Gréasaidhe, úcaire is muc an triúr is sailiche amuigh: lán de chéir, d'íle is smearadh, de dhraoibh. Nuair imthigheann na muca reamhra bíonn cion ar na hadhbhair: nuair scartar lé rud maith bítear sásta lé rud ná bíonn chómh maith. Banbh, cráin, céis (éirighthe suas go maith), collach, etc. muice. Tigh chómh salach lé ródh muc: bothán 'n-a gcóir: tigh árd-shalach ar fad. Fáinne muice: a cuirtear 'n-a sróin.

muc: *i gcfbh.* Muicfheóil. Meaththeine don mhuicfheóil.

múch: *b.2.* deatach, duairceas, athtuirse. Ón lá mhairbh sé an leanbh gan choinne aige leis bhí múch ar a chroidhe: brón trom. Múch chómh trom san sa tigh gur dhóigh leat go n-íosfá lé spionóig é: deatach is gal. Bhainfeadh aoibhneas na háite seo an múch de chroidhe éinne: duairceas.

múchadh: *f.* (*-chta*) do bhaint na hanáile dhe; do chosc an aoir ó, tachtadh anáile, do bhásughadh trí chosc aoir; cosc tarta; plúchadh; báthadh. Lé fada riamh tá an múchadh ag gabháil do, bheadh truagh agat do ag éisteacht leis na píopaidhe a bhíos aige d'iarraidh a anáile do tharrac: sín-ghalar duaidh anáile. Oscail na dóirse is na fuinneóga, táim dom mhúchadh gen-a bhfuil de dheatach sa tigh: m'anál dhá bhaint díom. Fuaireas an duartan trom ar fad agus mara bhfuaireas múchadh uaidh: fliuchadh áidhbhéil. Tá an fharraige ag múchadh an bháid, ní shroichfí sí caladh choidhche: ag gabháil lastuas di, gach aon uain. Bhí an oiread san éadaigh air sa leabaidh is gan aon aer sa tseómra go raibh eagla a mhúchta orm. Ag múchadh na coinnile, an tsolais: ag báthadh an tsolais. Níl aon tsás múchta tarta is fearr ná fíor-uisce fuar: a chosc. Ghabhadar múchadh na gríosaighe ar a chéile: thugadar búrdáil an anama dá chéile. Seasaimh i leathtaoibh, ná bí ag múchadh an tsolais orm: ghá chosc orm: ag déanamh doircheachta im thímcheall. Ag déanamh ar an maidin chuaidh múchadh ar an iasc: níor fhan sé chómh hiomadamhail ar barr uisce. Scaraidh amach ná bídh ag múchadh a chéile: ag teanntughadh isteach ró-dhlúth ar a chéile. Múchadh feirge so-fhreagra: níl aon rud is fearr chun feirge do ruagairt ná cainnt mhín, chneasta. Agus an oidhche ag teacht is sinn ar ár gcroidhe díchill an mhín-tír do shroichstint leis an lá, do bhí sí ag múchadh orainn: ag imtheacht as ár radharc. Ní fheicfeá anois é ró-shoiléir, tá an ceódh ghá mhúchadh ort: ghá chur i bhfolach. Is faid-shaoghalach iad lucht múchta: iad so go mbíonn an plúchadh nó an tarrac suas is duadh anáile gheibhid saoghal fada. É do mhúchadh budh cheart a dhéanamh (drochghuidhe): é do bhásughadh lé n-a anál do bhaint de. An teas is an brothal ghom mhúchadh: ag cur

saothair is giorra-anála orm. Lucht múchta teine: dream toghtha fear chun toiteáin do chosc: do chur as. An fiadhaile go léir atá ameasc na ngas tá sé ghá múchadh: ghá gclúdach is ghá dtachtadh. An fochais dhá mhúchadh ag an bhfarraige: í ghá folach. "Ní fhéadaid mórán uiscidhe an grádh do mhúchadh. Ní mó fhéadaidh na tuilte a bháthadh etc." (Cantaic Sholamh VIII. 7): a chosc: a chur as feidhm.

mucadghail: *b.3.* déanamh ar nós muice; gnúsghail; ceal síbhialtachta. Cuir uaim an mhucadghail, ach ith do chuid bídh is ná tabhair náire dhom os chómhair gach éinne: imtheacht muice fé gach nidh atá dhá dhéanamh agat. An mhucadghail ghránda thugann sé ar an mbiadh: an t-ithe salach a thugann sé air. Ná bíodh aon mhucadghail ort leó, níl cúis ar bith agat ortha, freagair an duine go béasamhail: mí-shíbhialtacht.

múchaim: *b.a.* $_{7}$ *n-a.* tachtaim, bainim anál de, coiscim aer ar; cuirim as teine, doiléirim solas, sochtaim, millim; báthaim. Mhúch an fiadhaile na gais: ghaibh lastuas díobh is choisc ar fhás iad. "Dún an doras, múch an solas" leas-ainm bhaile ag bacaigh in áit ná bíodh fáilte rómpa. Chonnaic sé an duine, dar leis, roimis amach sa bhóthar, thug iarracht ar theacht suas leis ach mhúch sé annsúd os chómhair a dhá shúl: leaghaidh sé: d'imthigh sé as amharc mar imtheóchadh scáth. B'éigean an bannc d'fhágaint nuair mhúch an t-iasc: chuaidh fé loch. Lé tuiteam oidhche mhúch an t-oileán orainn: bhain an doircheadas a amharc dínn. Múchfaidh an deatach a bhfuil istigh mara n-oscaltar na fuinneóga: bainfidh sé an anál des na daoinibh. An duartan báistighe atá anois ann mhúchfadh sé thu: bháidhfeadh. Mhúch na soillse in aonfheacht: chuadar as: d'imthigh an solas. Is iad na scoileanna náisiúnta a mhúch an teanga dhúthchais: a chuir ar ceal í. Múchadh an cat istigh sa mhála: básuigheadh é trí n-a anál do bhaint de. Bhí sé ró-láidir dom agus mhúch sé mo cheann síos 'on talamh: chuir sé sáidhte síos ann é. Thuit an t-eiteallán ar an dtráigh is mhúch sí í féin sa ghainimh: chuaidh sí go dlúth síos innte. Caith siar é sin, bí meidhreach is múch léan le gáire: ruaig é. Ó tháinig leabhartha i gcoróin do mhúch seanchaidheacht annso: d'imthigh as nós. An boladh bréan a bhí ins an áit mhúchfadh sé thu: bhainfeadh sé t'anál díot. Mhúch an sneachtadh na caoire: ghaibh sé lastuas díobh is bhásuigh iad. An iomad den líon casta tímcheall na péiste a mhúch í: a chuir ó n-a hanál do tharrac í. An oiread san íota orm ná múchfadh sruth é: sháiseóchadh é: a bhainfeadh díom é. Ní féidir a rádh gur múchadh riamh spirid na saoirse sa tír seo: gur cuireadh ar ceal í chómh mór san gur dearmhadadh í. An oiread san calláin is gleóidh 'n-a thímcheall gur mhúchadh a ghuth is nách mór gur chualaidh éinne é: bháthaidh an gleódh budh mhó is budh láidre í. Mhúchamair an t-oileán sar ar stadamair: chuadhamair an fhaid sin go dtáinig talamh eile eadrainn, nó go ndeaghamair go hárd as a radharc. Dá mbudh mise tusa do mhúchfainn mo cheann i bpaca (tarcuisne): sháthfainn ann é agus d'éisteóchainn mo bhéal. Thug buille dho gur mhúch sé an tuaigh 'n-a cheann: chuir sé go doimhin síos sa chloigeann í. "...agus an uair do rinne Maois úrnaighe chun an Tighearna do múchadh an teine" (Uibh. XI. 2): chuaidh sí in éag. Nuair bhíonn braon ólta aige mhúchfadh sé le pógaibh thu: aon teóra leis an méid póg a gheóbhfá. Faid bheifeá ag bualadh do dhá láimh ar a chéile mhúch an spéir go raibh sí chómh dorcha lé tóin an phúca: dhoircigh sí.

mucamhail: *a.* dúr, dána, amplamhail, salach. Nách mucamhail a chuireann sé chun bídh gur dóigh leis gur ceart do cuid go héinne do bhailiughadh chuige: amplamhail: craosach. Nách mucamhail an duine é agus bheith ag áiteamh i gcoinne an chirt: dána, ciotarúnta.

Gan chúis gan adhbhar sháthaidh sé chugham go mucamhail, budh dhóigh leat go n-íosfadh sé im bheathaidh me: go neambéasach, ciotarúnta, mí-shíbhialta. An deallramh mucamhail atá air níor mhaith liom aghaidh a chaoraidheacht do tharrac orm: thabharfadh íde shalach béil ar dhuine. Ná bí chómh mucamhail is go dteastuigheann breis is do cheart uait: chómh sainnteamhail, leithleachais. An chuma mhucamhail a fhágais ar an dtigh gan faic glan ná i dtreó ann: salach, neamhghasta.

mucamhlacht: *b.3.* dúire, ceanndáine, sainnteamhlacht, dúrántacht. Lé mucamhlacht cheart raghadh sé ag áiteamh ar shluaightibh agus a fhios aige go maith é do bheith san éagcóir: ceanndáine, aineólach. Lé mucamhlacht theastuigh uaidh an chuid dob fhearr dá raibh ar an mbórd do bheith aige féin: sáthadh agus craos na muice. Mucamhlacht éigin indiugh air ná féadfadh duine focal do labhairt leis gan é do thabhairt ulfairte air: tá sé grod, mí-shíbhialta, mí-bhéasach.

múchán: *f.1.* úin, (niúin, neóin), slighe fé thalamh, simné.

muclach: *b.2.* duine teann cothuighthe, neamhghasta. Budh dheas slachtmhar seólta an buachaill as óige é ach dhein muclach aindeis de lé neamh-aire is ólachán: duine gránda. "An Mhuclach" (An Mhuc-fhalach) ainm carraige lasmuigh de Bhaile Thaidhg. Gnóth ar nós na muclaighe a dhéanfá: útamáil gan slacht.

muclach: *a.* salach, leithleachais, craosach, sainnteamhail. An chuma mhuclach atá ort féin is ar do chuid éadaigh budh dhóigh lé duine ort go rabhais ghot iomlosc féin sa draoib: bréan, salach. Nách muclach a itheann sé a chuid bídh, glór aige ghá alpadh: amplamhail, craosach. Níor labhair sé riamh ach go muclach lé duine, gach aon ulfairt aige air: grod, neamh-mín, míbhéasach. A rud mhuclaigh: a rud shalaigh.

múchta: *a.r.* smútamhail; an-chluthair; curtha as, (in éag); tachtuighthe; súngcálta; dlúth-theanntuighthe, meirbh, smúiteamhanta. Lá an-mhúchta é gen gceódh trom so: trom-aoir, gan aon ghaoth. Tógadh an tigh i bpoll múchta, níor mhaith liom é: áit ná fuil fairsinge ná radharc 'n-a thímcheall. Táim múchta agaibh, fanaidh amach uaim: táthaoi im dhlúththímcheall agus brathaim ag goilleamhaint orm é maidir lém anáil. Ón bhfeóil ghuirt d'ith sé tháinig tart do-mhúchta air: nár bh'fhéidir lé digh do chosc. Nuair leagadh den gcapall é cuireadh a cheann múchta síos 'on talamh!: ceangailte síos. Nuair thuiteas 'on pholl bheinn múchta mara mbeadh a luaithe fóireadh orm: m'anál tachtuighthe gen uisce. Bhíomair chómh fada san chun na farraige go raibh solas bhéil an chuain múchta againn: curtha as radharc. Bhíodh an máighistir ag gearán orm go mbíodh sé deacair na focail do léigheamh mar go mbídís ró-mhúchta ar a chéile: ró-dhlúth, ró-gheairrid dá chéile. Sé an garrdha gan aire é, a bhfuil d'fháiseanna ann múchta ge salachar is fiadhaile: clúduighthe, tachtuighthe, curtha ó fhás. Táir múchta suas lé héadach: an iomad de ort agus is duadh é d'iomchar. Níl aon scafántacht ann tímcheall a mhuiníl, tá sé ró-mhúchta: luighte síos gan líomhthacht ag baint leis. A Dhia, maith dhom, táim múchta i bpeacaidhibh: ualach trom díobh orm. Múchta ar fad lé slaghdán: tachtuighthe, gan me ábalta ar m'anál do tharrac nách mór. Tá an sileadh múchta ge gainimh 'n-a bhéal is an t-uisce ag scéidheadh fén dtalamh: tachtuighthe: níl ag rith. Éirigh as an iasc anois, tá sé múchta: dulta fé loch: stadta de bheith ag ráthaidheacht. Tá an aois aige cá hiongadh an

spirid a bheith múchta ann: dulta in éag. Gach aon tairnge aca múchta chómh doimhin sin ná faghfá greim a dtairrice ortha: súngcálta isteach as radharc.

múchtóir: *f.3.* duine nó rud a chuireas in éag solas nó teine, a choisceas tart. "Táim ag dul fé dhein múchtóra" arsa fear an tarta: ar lorg dighe. Múchtóiridhe teine: iad so gurb é a gcúram tóiteáin do chur in éag.

mudha: *f.4.* dochar, fán, ar ceal, ar easbhaidh, milleadh, éag etc. Táir ag dul i mudha go mór más dóigh leat go n-éireóchaidh leat mar ar theip ar na céadta rómhat: ná tuigir an cúrsa 'n-a cheart: go bhfuil dearmhad ort. Thugas an oidhche i mudha sa doircheacht gan fios soir seachas siar agam: as mo bhealach (eólas). Riamh níor thug sé aire dá chúram, anois b'fhéidir go dtuigeann sé ná tig maith le mudha: ná faightear tairbhe as neamh-aire is faillighe. Chuadhas i mudha im chómhaireamh: níor chuireas lé chéile 'n-a cheart é. Éist nó cuirfir i mudha me: cuirfir as mo threóir me. Ní bhfaghaim mo scian in aon bhall pé dul i mudha atá imthighthe uirthe: dío-láithriughadh, imtheacht gan fagháil air. D'imthigh na caoire i mudha imthighthe chun fáin as a ngnáth-áit cómhnaidhthe. Céagainn anois go bhfuil an dul i mudha air: atá in earráid: go bhfuil dearmhad air: atá bun os cionn. Go bhfóiridh Dia is Muire ar an bhfear bocht, is fada ag dul i mudha é, ag ól 'sag reic: ag déanamh a aimhleasa. Ná bíodh aon dul i mudha ort im thaobh-sa ná go mbead ullamh d'aon tóir a thiocfas orm: dearmhad: mío-thuigsint. Fuaireas an scian so ag dul i mudha: caillte.

muicidhe: *f.4.* aodhaire muc. Bhuail muicidhe sa choill leis.

muicín: *b.4.* muc bheag. Táid n-a muicínidhe: banbhaidhe ag éirghe suas.

muicíneach: *f.1.* duine codramánach, gan míneacht. Ní bheadh síos ná suas agam lé muicíneach mar thu ná feadair cad is ceart do a rádh ná a dhéanamh i gcuideachtain: gan eólas.

muiciris: taca fé ualach cinn. Dheineadh sí sean-éadach do chasadh n-a chuairscean chun a cinn do chosaint ar an ualach.

múig: *b.2.* doircheadas, doiléire, ceódh, aghaidh dhaibhceach. Leath an droichscéal múig ar an gceanntar: brón is tuirse. Déarfainn gur mío-shásta an duine é ar an múig atá air: gnúis dhaibhceach, mhío-shásta. Ná cuireadh sé aon mhúig ort, d'fhéadfadh an scéal do bheith níos measa, bogfaidh gach nidh leis an aimsir: duairceas croidhe.

muige: *intriacht* "An raghair linn?" – "muige cad fáth ná raghainn lé cuideachtain shoilbhir mar sibh": bí deimhnightheach de. Muige cuirfidh súd eagla in iúil duit: dar fiadh. Dar muige mhais dá mbeinn-se ann do thabharfainn a mhalairt de thor air: ambriathar féin. Muige is brothallach an lá é: dar mo bhriathar. Muige is breágh an bhean í: cinnte.

muigín: *f.4.* muga beag. Muigín bainne, té, uisce, etc.

muilcheann: *b.3.* carraig chruinn. Na muilcheanna: carraigeacha in aice na mBlascaod. An Mhuilcheann Thiar, an Mhuilcheann Thoir.

muileann: *f.1.* gléas a cuirtear ag obair lé huisce, gal, aibhléise, gaoith, etc., chun plúir do dhéanamh de ghráine. Muileann uisce, gaoithe. Cheannuigh an garsún muileann gaoithe ar an rás is budh mhór an greann do bhain sé as ag faire air ag casadh: bréagadán. Éinne a chognóchadh an fheóil righin sin bheadh an muileann go maith aige: cairb fhiacal. Tá an scéal dulta sa mhuileann, ní fhéadfainn a innsint ná a réidhteach a thuilleadh: tá sé dulta thar mo chumas. "Meilid muilte Dé go mall ach meilid go mion, mín": dá méid moille a bhíos ar an gcúiteamh tagann sé. Ná bí ag déanamh muileann an ladair díot féin: ná bí ag déanamh ceóláin díot féin. An fharraige chómh ciúin le linn mhuilinn: an t-uisce a ritheas chuige. Ní chothóchadh muileann é agus is mór an focal é: an méid gráine a fhágas é. Ní heól dom neach ná go mbíonn ag tarrac uisce chun a mhuilinn féin: ag déanamh a dhíchill ar son a thairbhe féin. Tiocfaidh fé n-a mhuileann san fós dá chiúine atá sé anois: tiocfaidh sruth chainnte dho. Fan le huain mhuilinn: ná bí d'iarraidh dul roim éinne maran b'é do cheart é. Ní théigheann aon lagadh air ach an oiread lé roth mhuilinn: ag síor-chainnt. Muilte cadáis, cardála, plúir, adhmaid, reamhruighthe, etc.

muilleat: *f.1.* cárta go mbíonn baill chearnógach dearga air. "Muilleat an mádh 's is maith an drámh an spéarat": sin é dath atá ar ceann. "D'órduigh Fionn an muilleat do choimeád", deir fear a bhíos i gcás céaca muilleat nó cárta eile choimeádfadh sé i gcóir na cúige deireannaighe: de mheas ar Fhionn go raibh fios aige. An muilleat maol do mheilt is an cuireata caol do cheilt: an muilleat lag d'imirt, an cuireata aonair do choimeád go deireadh. Aon chúig ní bhfuaireas, tá sé ráidhte riamh gach cárta go muilleat is iad ar fad a bhí agam: is iad díg iad. Ná ceil is ná coimeád muilleat: imir iad nuair is féidir, scaoil ar a ndath iad.

muilleóir: (**muilteóir**) *f.3.* an té a bhíos i mbun muilinn. Chómh cothuighthe le muilleóir muillteóra: bíonn beathuighthe mar bíonn cae aige ar a dhóthain d'ithe. Is maith na muillteoiridhe atá aige, an gcloisir an chnagarnach a bhaineann sé as an arán cruaidh?: fiacla.

muilleóireacht: (**muillteóireacht**) *b.3.* gnóth muillteóra; meilt. Táir ag muilleóireacht, a dhuine sin: ag ithe do dhóthana ar do shástacht.

Muimhneach: *f.1.* duine a saoghaluightear i gCúige Mumhan. Is beadaidhe é an Muimhneach: é an-cheanamhail ar shoghalaistidhibh. An muimhneach maoidhteach: a bhíos do shíor ghá mholadh féin.

muimhneach: *a.* ag baint lé Cuige Mumhan. Coirce, toradh, blas etc. muimhneach: a bhaineas leis an Mumhain nó a thagas aiste.

muimhneachas: *f.1.* aiste áirighthe fé leith, nó mianach nó tréith áirighthe a bhaineas léi féin amháin. Muimhneachas seadh "in ao'chor" do rádh in ionad "ar chor ar bith". An muimhneachas go láidir ina chuid cainnte: an uile-chómhartha a dhealuigheas canamhain

na Mumhan ón gcuid eile. Tá muimhneachas ag baint leis: tá leagadh mór is léighe aige leis an gCúige seachas áit eile in Éirinn.

muin: *b.2.* an drom ós na guailnibh anáirde go cúl cinn. Tair ar mo mhuin go mbeiread thar sruth thu: go hárd ar mo dhrom. Tá sé ar mhuin na muice ó phós sé bean airgeadamhail: ar a thoil féin: go maith as. "Gura maith agat" – "do mhaith ar do mhuin agat" (searbhas): árduigh leat do bhuidheachas, ní theastuigheann sé uaim-se. Níl ann ach ag cur bacaigh ar muin capaill: ag tabhairt ionaid nó céime do dhuine ná feadair connus is ceart do iad d'ionramháil. Ar a mhuin sin déarfad an méid seo airís leat, má gheibhim i ngiorracht don áit seo thu is tinn duit: ina theannta san. Málaidhe plúir caithte ar mhuin mhairc a chéile: anuas go hiomadamhail ar a chéile. Dar liom-sa go dteastuigheann uait-se dul ar mo mhuin-se ar fad: bheith ag stealla-mhagadh fúm is do thoil do bheith agat orm.

muinice: *f.4.* an chuid is aoirde (duine), sia amach (ainmhidhe), den muineál. Buaileadh sa mhuinice me: sa mhuineál i dtreó na gruaige. Ní mór de mhuinice atá ar an gceann muice: muineál.

muinchille: (**muilirte**) *f.4.* an chuid de bhalcais a chlúduigheas an lámh. Is fada an chloch sa mhuinchille aige dhom: é ag cothughadh uilc dom. Tá sé sa mhuinchille aige dhuit: olc is drochaigne id chóir.

muine: "Dar muine! mhais, díolfair-se fós as an obair ait seo": ná codail ar an gcluais ná go ndíolfair. Nuair cloistear aon rud a chuireas iongadh ar dhuine deirtear "dar muine!". "Dar muine! glacfad, raghad etc." nuair bhíonn fonn is áthas ar dhuine san do dhéanamh. Dar muine na ngrás(t) mhais, b'fhearr liom-sa a lúidín ná corp na coda eile: do chur in iúil méid a cheana air.

múineadh: *f.* (*-nte*) fios, teagasc, eólas, léigheann, taithighe, etc. do thabhairt, oileamhaint, deigh-iomchar, oideachas, an treóir atá lé fagháil i bhfabhal-scéal. Níor tugadh aon mhúineadh ar an gcapall, a rian air tá sé an-aindeis fé thrucail: briseadh nó ionramh ceart. Siúd clann go bhfuil múineadh ortha, tá rian air is fada go gcloisfear éinne ag gearán ortha: oileamhaint: a mbéasa agus deigh-iomchar foghlumdha aca. Nílim go maith chun farraige mar ná fuaireas an múineadh: an teagasc riachtanach. Dá mbeadh múineadh ort ní bheifeá ag feadghail fé dhuine iasachta: tabhairt suas ceart agus fios do bhéas do bheith agat. "Bíonn múineadh ar fhear ó aois go bás ach ní bhíonn múineadh ar bhean go bráth": ó thagann fear go bliadhantaibh na tuigseana is eól cad is ceart do do dhéanamh ach an bhean choidhche. Cá mbír ag múineadh?: ag tabhairt teagaisc. Mise fear do mhúinte aon lá: mise a inneósadh duit connus cúram áirighthe do dhéanamh i gceart. D'iarraidh é siúd do mhúineadh!: ní féidir aon rud d'innsint do súd tímcheall a ghótha nó aonnidh thógann sé air féin do dhéanamh. Maidir lé bheith ghá mhúineadh ró-dhéidheannach: níor ghlac sé cómhairle a leasa in am. Tá an oiread múineadh díreach air is bheadh ar mhuic!: aon phioc béas níl aige. Ghom mhúineadh-sa bheifeá, an eadh?: is deiliúsach an duine thu is do cheann do chur im chúram-sa. Is den mhúineadh é seo do thairsgint duit: baineann sé lé béasaibh. An t-uan ag múineadh na méilighe dá mháthair: an t-aineólgach ag teasbáint don eólgach budh cheart do do dhéanamh. "An inghean ag

múineadh dá máthair connus leite do dhéanamh": ag teagasc duine is eólgaisighe. Mise an fear ná beadh i bhfad ag múineadh béas duit: a chuirfeadh iachall fanacht ar do bheart féin. Dar leis ná fuil fear a mhúinte ann: is mó eólais 'ná é. Téigheann sé lé múineadh do shuidheachán do thabhairt do mhnaoi: deigh-bhéasa.

muineál: (**muinéal**) *f.1.* an chuid sin den nduine nó den ainmhidhe idir an ceann agus an corp nó an chabhail; an chuid caol d'aonnidh; an scrogall. An phíob (phíp) mhuiníl atá aige budh dhóigh leat gur scrogall ganndail é: muineál mór fada. Tabhair eaga dho, ná beir ar mhuineál mar sin air, díolfaidh an fear macánta san a fhiacha fós: ná beir grod air: ná téighir ró-dhian air. Sin é é, cuirtear gach aon rud i mbaic an mhuiníl orm-sa: buailtear milleán gach ruda orm. Fuair sé an méid úd i mbaic an mhuiníl, ní fearrde go deó airís é: go dian, dochraideach. Ní túisce a bhíodh braon caithte aca ná théighidís i muineál a chéile: chromaidís ar bhruidhin go fíochmhar. Táim ar mhuineál anois ag éilightheóiridhe (fiach): greamuighthe go daingean. Is fada ar mhuineál ag an ndiabhal é: an diabhal ghá chur ar a mhí-leas. Tairng do mhuineál as an lúib anois má fhéadair: réidhtigh tú féin as t'anacair. B'fhearr leis an gcnáib fé n-a mhuineál 'ná aon bhaint do bheith aige leo: é do chrochadh. Níor mhothuigh sé é féin ag cur na bhfiach sa mhuineál air féin: ag tógaint 'sag tógaint ar cáirde. Chuaidh sé i bhfiachaibh go muineál: go trom, trom. É do chur ag tóchas a mhuiníl: "béic" do bhaint as, é do chur sa tslighe is go ngoilleann a aiste air. Cuirfidh an obair seo atá déanta as an slighe aige ag tochas a mhuiníl é: ciapfaidh sí é agus goillfidh go trom air. Éist! cuirir tinneas im mhuineál a bheith ag éisteacht leat: tuirsighir me. Níl beann aige air, bail ó Dhia air, tá muineál maith aige: tá neart, fulang agus breis foidhne aige.

muineálach: (**muinéalach**) *a.* ag baint leis an muineál. Faid-, seang-, leabhar-mhuineálach.

muingileáil: *b.3.* guairneán, corathónaidheacht, suaineáil, suathadh. Suidh in áit éigin - cad é an mhuingileáil atá ort, ar nós circe go mbeadh ubh aice: gan luighe ná suidhe thall ná abhfus. Cad í an mhuingileáil seo ort, budh dhóigh lé duine gur rud éigin a bheadh ag siubhal ar do chroiceann?: crothadh is suathadh. An mhuingileáil a bhíos air nuair bhíonn sé ag siubhal: guailneáil: suathadh gualann.

muingileálaidhe: *f.4.* duine a bhíos ag suathadh ó thaobh taobh ag siubhal do; guailneálaidhe; suaineálaidhe. A leithéid de mhuingileálaidhe ní fhéadfá siubhal cois ar chois leis in ao'chor, ag bualadh id choinnibh. Muingileálaidhe capaill seadh é shuadhfadh sé thu bheith i dtrucail air: guailneálaidhe: capall ná gluaiseann chómhshnámhach.

muinighin: (**muinghin**) *b.2.* (*-ghne*) iontaoibh, dóchas, tortaoibh, triall, dóigh. Níl aon mhuinighin as an lá agam ná go ndéanfaidh drochlá: iontaoibh: dóchas láidir go bhfanfaidh mar tá. Cuir do mhuinighin i nDia mór na glóire i ngach cruadhtan: bíodh dóchas láidir agat as ná teipfidh sé ort. Aon bheith amháin atá air nár chaill sé an mhuinighin as féin riamh: meisneach go n-éireóchadh leis. Nuair theip an seól ortha chuadar i muinighin rámhaidheachta: a dtriall uirthi i ndóchas go mbéarfadh chun cinn iad. Má thógair mo chómhairle ní raghair 'n-a mhuinighin: bheith ag brath air go

ndéanfaidh sé pé rud duit atá uait. Chuadhas ar a iontaoibh cé ná raibh muinighin láidir agam as: chuireas a dhéanamh fé n-a chúram cé ná raibh dóchas láidir agam go ndéanfadh nó go n-éireóchadh leis. "Óir atá ár gcuid de Chríost againn má chongbhuighimíd go diongmhálta céadthosach ár muinighne go teacht don chrích dhéidheannaigh" (Eabhraigh III. 14): daingneacht creidimh. Chailleas a raibh agam ag cur geall ach aon scilling amháin is chuadhas 'n-a muinighin sin ar an rás déidheannach: 'n-a leith, i ndóchas go mbuadhfainn. Ní bheadh aon droch-mhuinighin agam as ná go mairfeadh sé, má tá sé lag féin tá fulang ann: ní chaillfinn mo dhóchas 'n-a thaobh. An té go mbíonn muinighin aige as gach éinne bíonn thiar air: an té a chreideas go mbeidh cách ionraic, díreach tá breall air. Dá mbeadh muinighin as mo chosaibh agam do thabharfainn fén rás san: meas reatha. An mhuinighin go léir a bhí aige as dar leis ná raibh aon rud ná gurbh fhéidir leis do dhéanamh. Ná cailleadh éinne a mhuinighin: a mheisneach 'sa dhóchas.

muinghineach: (**muinighineach**) *a.* iontaoibheach, tortaobhach, dóchaiseach, calma, teann. Dá mbudh cléireach muinghineach é ní chúblálfadh sé airgead: gur bh'fhéidir deimhin do dhéanamh dá mhacántacht. Riamh táim árd-mhuinghineach asat: dóchas láidir agam ná clisfeá ar aon rud do chuirfeá rómhat do dhéanamh. Ní lá muinghineach é seo, féach an tóin sin ag cruinniughadh laistiar: ní ceart dóchas do chur ann ná go n-athróchaidh. Fear muinghineach seadh é nár bh'eagal leis aonnidh do thástáil: meisneamhail.

múinim: *b.a.* teagascaim, foillsighim, cómhairlighim, tugaim eolas, oilim, spreagaim. Múin é! (cártaidhe nó a leithéid): spreag é (agus ní hé do chúram é): teasbáin do cad is ceart do do dhéanamh ar eagla ná fuil a fhios aige. Cé mhúinfeadh é siúd?: ní thógfadh sé cómhairle ó neach, dar leis gur aige féin a bhí meabhair is ciall an domhain uile. Ní mhúinfeadh an saoghal é ná cogadh na bpiléar: pé cruadhtan ná scannradh a bhéarfad air ní haon athrughadh a thiocfadh air. Bhuail duine ar an mbóthar liom a mhúin an t-eólas 'on chathair dom: a chuir ar mo shúilibh dom cá raibh an tslighe cheart. Siúd é ná beadh i bhfad ag múineadh a phaidreacha do dhuine: duine, ainmhidhe, áit nó eile a bheadh conntabharthach gan aire mhaith do thabhairt air, cuir i gcás miúil mhalluighthe. Is fearr aon chiall amháin a cheannuightear ná dhá chiall a múintear: an chiall a thagas as thaithighe chruaidh is mór gur fearr í 'ná ciall do beifí d'iarraidh a chur ar shúilibh dhuine dho. Múin dod mháthair connus leite do dhéanamh!: teasbáin di: iarracht gan chiall. Tá meas aige sin air féin agus sin é a múineadh do: sin mar tugadh suas é. Múineann gábhadh seift: nuair bhíonn duine i ndraip nó i bponnc spreagtar é chun cuimhneamh ar rud éigin a fhuasclóchadh é. "Óir múinfidh an Spirid Naomh dhíbh ar an uain sin féin na nidhthe is cóir dhíbh do rádh" (Lúcás XII. 12): foillseóchaidh dhíbh. "Is iomdha rud a mhúineann an díomhaointeas": leanann cathughadh mór an aigne ná bíonn cúram uirthi. Múinfear chun gréasaidheachta é: tabharfar eólas ar an gcéird do. Trí nidhthe ná múintear guth, féile agus filidheacht: nách féidir do thabhairt do dhuine. "B'fhéidir go múinfinn-se do radharc (t'éisteacht) duit" deirtear dá mbeadh duine ag satailt ort nó gan cluas do thabhairt duit. Éire ná an baile go léir ní mhúinfeadh ciall do: is cuma cá minic a dhéanfadh sé dearmhad nó botún ní athróchadh sé. "Múin me chuige seo" – "múin féin thu féin": faigh do chuid eolais asat féin. Mhúinfeadh sé meabhair don saoghal mór: gan

aon teóra leis chun cómhairle do thabhairt uaidh. Is minic cimiar curtha gen ól air, ach ní mhúinfeadh san é: d'ólfadh sé airís is airís.

muinntear: (**muinntir**) *b.2.* líon tighe, dream, treabh, lucht, lucht leanamhna cómhnaidhthe, camplacht, cinidh, baill, daoine, cuallacht, muirear. Ní raibh dem mhuinntear ag baile ach me: an lánamha is a gclann. Níor mhaith liom faic ort féin ná éinne ded mhuinntear: a bhaineas leat trí ghaol. Dár muinntear-ne an fear san: cómh-ainm dúinn. An de mhuinntear an pharóiste seo thusa?: de lucht cómhnaidhthe na háite. De mhuinntear Laoghaire an bhean súd: sin í a sloinne. Bím ar meisce nó bím ar mo chéill, m'anam istigh mo mhuinntear féin: mo ghaolta roim éinne. Muinntear Chiarraige ag fiafraighe a chéile: na daoine a saoghaluigheadh ann. Mórán mór is airgead go leór aca, muinntear eile gan faic: a thuilleadh. Ní hionann muinntear na tuaithe is muinntear an bhaile mhóir: lucht cómhnaidhthe na n-áiteann san. "Más maith leat muinntear Dhálaigh/ a bheith go sásta socair/ tabhair dóibh gach nidh iarraid/ is ná hiarr aonnidh ortha": lucht na cinidh sin go léir. Ní sibh-se a bhí dhá lorg in ao'chor agam ach an mhuinntear eile: dream nó camplacht áirighthe is eól don dá thaobh. Ach an mhuinntear a dhéarfadh leat gurb í seo an tír is measa sa domhan fógair iad: aon dream daoine diúltuigh dóibh is séan iad. Budh bhreágh liom bhur gcuideacht shuairc, shoilbhir, ach fanfad ameasc mo mhuinntire féin: dream, complacht. Ní thaithnighim le muinntear mo chéile: grod-ghaolta, athair, máthair, dreatháracha, dribhshéaracha, etc. "Annsan d'fhuaidh Ábratham an spirid (fuair bás) agus d'éag in aois fhoirbhthe mhaith, ina sheanduine lán de bhliadhantaibh, agus do cruinnigheadh dá mhuinntear é" (Gen. XXV. 8): sinsear: a ghaolta fola. Níl aon smacht ar an leanbh san gen-a mhuinntear: a athair is a mháthair. Tig muinntire: cómhnaidhthe. Tá muinntear an aifrinn ag teacht: an pobal. Ag tagairt do mhuinntear bhriste an domhnaigh a bhí sé: an dream áirighthe sin. Muinntear iad san chómh muinnteardha agus tá in Éirinn: lucht aon chinidh nó dream a áitigheas ball áirighthe mar baile, ceanntar, contae.

muinntearach: *a.* caradamhail, cáirdeamhail, líonmhar fé lucht leanamhna. Níor bhuail sé i mball ná i mbeárnain riamh liom ná beadh sé muinntearach: cáirdeamhail: lághach, grádhmhar. Aon áit go ngeóbhadh san tá aithne agus meas air ann, duine muinntearach é: go bhfuil lucht coidrimh is báidheamhlachta aige ann.

muinntearas: *f.1.* caradamhlacht, coidreamh báidheamhail, cineáltas, cneastacht, cómhar. Is fada amuigh lé n-a chéile anois iad gan teacht chun muinntearais: caradas, a bheith mór, buidheach, deagh-aigeanta dá chéile. Táim féin 'san leanbh ag déanamh muinntearais lé chéile: "ag teacht isteach" le chéile: cneastacht: gan aon chol do bheith againn lé chéile. Cheap furmhór na ndaoine go raibh oiread muinntearais idir an dá thír ná raghaidís i gcogadh lé chéile: go raibh cómh-mheas, cómhbháidh, aca dá chéile. Dá mbeadh aon mhuinntearas aige leat dhéanfadh sé cuid mhaith dhuit: báideamhlacht: aigne mhaith, chaoin aige leat. Sin beirt ná fuil aon mhuinntearas i mudha eatartha: ná fuil cáirdeamhail. Nuair chídhtear duine ag tabhairt bronntanais do dhuine eile, "is mór (go leór) an muinntearas é": báidhidheacht: meas agus cineáltacht. Ar a bhfuil de cháirdibh aige i ngach ball tá buaidh muinntearais aige: é i ndán bheith lághach, grádhmhar leis gach éinne. Téighir chun muinntearais leis an iasachtaidhe sin: cainntigh é go cneasta is déin a choidreamh. Sin cineál feóla ná féadfainn féin agus í féin aon mhuinntearas do

dhéanamh uirthi: ní réidhtigheann liom í d'ithe. Cad é an muinntearas atá idir an Fhrainnc agus an Ghearmáin anois is deacair a rádh: caradas: cá fada nó geairrid do raghaidís dá chéile.

muinnteardha: *a. n-dh.* cáirdeamhail, cineálta, cneasta, modhamhail, lághach, síbhialta. B'fhada muinnteardha lé chéile sinn: budh dheacair teacht eadrainn. "Duine muinnteardha a dhéanfadh é": deirtear lé comaoin mhaith nó gan choinne: cara maith. Bí muinnteardha: bí síbhialta: ná bí namhadach nó neamhchainnteach. Daoine muinnteardha seadh sinn go léir is ná bíodh aon earrad eadrainn: daoine go bhfuil mothúilt ghrádhmhar eatartha. Dubhairt sé liom go muinnteardha gurbh oth leis ná féadfadh sé aon chabhair do thabhairt dom: go lághach cneasta. Gan duine gaolmhar ná muinnteardha agam san áit: go raibh oiread is aithne agam air. Bheinn muinnteardha leis an té a bheadh muinnteardha liom: lághach, deagh-aigeanta, meastamhail air.

múinte: *a.r.* teagasctha, oilte, léigheanta, miochair, deighbhéasach. Is maith múinte an madra a chuireas ainmhidhthe ar ghort as féin: oilte: eólas cruinn a chúraim aige. Dá mbeadh sé múinte ge n-a mhuinntir ní bheadh sé ag imtheacht n-a leath-bhleaigeárd mar sin: oilte, tugtha suas in ómós agus in urraim. Is eól do san cad is ceart do a dhéanamh, fear múinte seadh é: deigh-bhéasach: fios aige connus is ceart do do dhéanamh ameasc daoine. Ní raibh glas sa chathair ná go n-osclóchadh sé, nár mhúinte an barránach: deigh-eolais ar an gcéird. Ní fheaca riamh im dhá shúil é go dtí so, ach tá cuma mhúinte air: maise na mbéas agus na deagh-oileamhna air. Má labhair is é a labhair go deagh-mhúinte: go hoilte: i slighe nár bh'fhéidir locht d'fhagháil air. Ar éistighis leis? nách droch-mhúinte an béal atá air: salach, gáirseamhail. Óig-bhean mhilis, mhúinte na gcocán ciar: mín in úrlabhra agus béasach i ngníomh. Ní fhéadfainn é do dhéanamh mar ná rabhas múinte chuige: an teagasc fachta agam.

múinteacht: *b.3.* modhamhlacht, miochaireacht, deagh-oileamhaint, féicheamhantacht. D'aithneófá an té go mbíonn an mhúinteacht ann, déineann sé é féin d'iomchar: an bhéasamhlacht agus an tabhairt suas maith. Snap is ulfairt, is cuma dá lághaiche labharfá leis, níl aon mhúinteacht ann: síbhialtacht, cneastacht. Níl aon mhúinteacht tugtha ar an madra san ní chorróchadh sé: níl sé féicheamhanta ná éascaidh. Lé múinteacht an duine, dá mhéid easonóir do fuair sé d'fhan sé 'n-a thost: modhamhlacht míne mianaigh fachta ó oileamhaint mhaith.

múinteóir: *f.3.* teagascthóir. Múinteóir maith an saoghal don té a fhoghlumóchadh uaidh: chuirfeadh sé dearmhadaidhe agus lochtaidhe in iúil do dhuine. Múinteóir scoile. An múinteóir a chodail amuigh a mhúin thusa: múinteóir gan mhaith.

múinteóireacht: *b.3.* teagasc, foirceadal, múineadh scoile.

muir: *b.3.* an fharraige, an bhóchna, lear. Threabhfainn an mhuir bhraonach ar do shon: an bhóchna mhór. Idir mhuir is ghrian níl aon fhear is mó go bhfuil cion agam air: sa tsaoghal ar fad. Tá sé n-a lag mara anois, idir an lag is an lom: an taoide chómh tráighte agus is féidir do bheith. Go ngeóbhadh an mhuir adtuaidh ní fhéadfadh sé é do dhéanamh: choidhche is go bráth. Ní fada ó lán mara é: an aoirde is mó bheidh an taoide. Ar muir nó

ar tír togha fir seadh é: in aon áit go mbeadh tástáil air. D'imthigh sé thar muir: thar lear: go tír eile. Ní haon lá mara an lá indiugh, tá sé ró-gharbh: oireamhnach do dhul uirthe. Amach fén muir mhóir: an fharraige fhairsing. Nách diamhair é dórd na mara: an glór siansach ná scarann léi an lá is breághtha tháinig riamh.

muirbheach: *b.2.* talamh gainimhe cois mara. Cómhnuigheann sé ar an Muirbhigh: ainm baile.

muire: *b.4.* Máthair Dé. A Mhuire mháthair. Truagh Mhuire seadh é, an pian 'san tinneas atá air: truagh ró-mhór. "An raghair ann?" – "a Mhuire na ngrást raghad": go fonnmhar. Dar Mhuire féin, mhais, ní bheidh puinn dá bharr aige: go fírinneach. A Mhuire na gile, nách breágh liom bualadh leat: deirtear so lé mór-áthas. "A Mhuire": nuair baintear preab as dhuine nó go dtagtar go hobann air. A Mhuire mháthairín, cad tá ort?: nách ait an scéal é, cá rabhais etc. (chun iongaidh do chur in iúil). A Mhaighdean Mhuire, cad d'imthigh air?: deirtear nuair baintear preab obann as dhuine. Muire óigh: Muire maighdean.

muirear: *f.1.* líon tighe, clann aon lánamhan, ualach, iomard. Lánamha gan aon mhuirear ach an bheirt aca ní deacair dóibh maireachtaint: clann. Is maith an muirear ar a thuarastal é: tá sé ábalta ar a dtuilleann sé do chaitheamh. Gabháil mhór go raibh muirear a dhá ghéige innte: oiread agus do b'fhéidir leó do ghreamughadh agus d'iomchar. Fágadh n-a mhuirear orm-sa nuair thréig an chuid eile é: mar ualach: orm-sa é do chothughadh nó aire do thabhairt do. Do thuit muirear mór air leis an dara bean: do bhí mórán clainne. Budh dheacair sa tsaoghal san é d'éinne go raibh muirear cíosa is clainne air: cíos iomarca is mórán clainne lé cothughadh. Tá sé n-a mhuirear ar mo láimh chlé 'e bhreis ar mo láimh dheis: is truime atá sé ag luighe uirthi. Muirear a dóthain ar an mbád an méid atá innte d'iomchar: a dóthain mór d'ualach innte.

muirearach: *a.* trom, mór-chlainne, slaodach, iomardamhail. Bheadh sé ró-mhuirearach ort deoch do thabhairt dúinn go léir, tá an iomad againn ann: ró-chostasamhail: ró-dhian ar do phóca. Cuireadh ualach ró-mhuirearach ar an gcapall, bhí sé ró-mhaith dho: ualach thar a riocht d'iomchar. Lánamha mhuirearach seadh iad: tá mórán clainne lé cothughadh (ar fhaghátlas bheag). An scata mór ainmhidhthe sin ar stéig de thalamh bhocht, tá ró-mhuirearach air: an iomad lé déanamh aige iad do chothughadh. Duine ró-mhuirearach in aon tigh seadh é, go mór-mhór in aimsir gannchúise: ró-dheacair do chothughadh. Gluaisteán muirearach d'éinne gan cuid mhaith airgid: ró-dheacair do choimeád. An folt trom muirearach atá uirthe bheadh iongadh ort connus fhás sé: gruaig thiugh 'n-a slaodaibh léi.

muirearaighe: *b.4.* cúram, ualach, freagarthacht. Orm-sa tá muirearaighe an tighe indiugh, tá gach éinne eile as baile: aire do thabhairt do agus bheith freagarthach ann. Ar chaptaen na luinge do bhíonn a muirearaighe: dualgas, cúram go bhfuil sé ceangailte air dréir dlighe nó córach é do chóimhlíonadh. Leig do san, tá do dóthain lé déanamh agam gan é, fág a mhuirearaighe fúm-sa: a chúram, a aire. B'éigean do é do chaitheamh uaidh, bhí a mhuirearaighe ró-mhaith do: a mheádhachtaint, truime.

muiricín: *intriacht* A Mhuiricín! nách gleóidhte an gúna é sin ar ár leanbh. A Mhuiricín leig dom tamall éigin.

muirghean: *b.2.* muirear, cúram, ualach. Muirghean breágh, slachtmhar aca: scata leanbh. Tá muirghean ort, a fhir bhoicht: breis agus do dhóthain lé cothughadh. Ní lugha mo mhaoin 'ná mo mhuirghean: táim i ndán tarrac tríd, ach sin a bhfuil ann.

muirgheanach: *a.* trom-ualaigh, mór-chlainne, duaibhseamhail. Tigh muirgheanach atá againn in am agus go mbíonn éadach is bróga ar a bhfuil de chlainn againn agus airgead póca aca: costasamhail. Tá sé ró-mhuirgheanach ort aire cheart do thabhairt don oiread san daoine: an iomad lé déanamh agat. D'éan bheag is muirgheanach é an dreóilín: mórán gearrcach lé cothughadh aige.

muirín: *f.4.* iasc sliogánach i bhfeirm seasail agus eitridhe nó riastaidhe ann.

múirle: *f.4.* cnapán, deascán beag. Fuair sé múirle mór mar spréidh léi: cnocán mór airgid. B'fhéidir gur dhóigh lé daoinibh go bhfuil sé sin bocht, bíodh geall go bhfuil múirle i bpoll éigin aige: suim mhaith airgid.

muirn: *b.2.* cómh-chion, girréis. Tá muirn an domhain air an leanbh ag faire fhir na gcleas: áthas ar a chroidhe. Budh bheag an mhuirn do bhí aice dho nuair thréig sí é: cion ó n-a chroidhe. Mo mhuirn thu ná bí ag gol: a ghrádh istigh.

múirne: *b.4.* cion, gean, cumann, annsacht, séimheacht. Is aige ná raibh an mhúirne mic dá mhathair, budh bheag an cóngamh a thug riamh di: grádh nádúrdha. Múirne na máthar dá leanbh: an cion is an cumann thar barr. Geallaim duit gur lán-fhuraiste réidhteach leis, múirne ar fad é: séimheacht.

múirneach: *a.* ceanamhail, séimh, annsa, grádhmhar, soilbhir. Sin í an bhean mhúirneach chun cuairde do thabhairt ar a tigh: grádhmhar, séimh. Chaith sí súil mhúirneach air, dar leis, gur phreab a chroidhe le hionchas go raibh sí i ngrádh leis: amharc ceanamhail. A dhuine mhúirnigh, ar ór na cruinne ní dhéanfainn do dhíth ná do mhasla: a dhuine an chroidhe istigh.

múirneacht: *b.3.* ceanamhlacht, armacamhlact, tláithínteacht. Má fuair leanbh riamh múirneacht ó n-a mháthair fuair sé sin é maidir lé pógaibh, aire agus deaghchóir: armacamhlacht: grádh agus ceanamhlacht. Tamall lé múirneacht ag an mbeirt leanbh is tamall lé troid: tláithínteacht: ag cuimilt a mbaise dá chéile. An iomad múirneachta atá fachta ag an leanbh san: peataireacht. Beir leat nách ag múirneacht leat do bheinn-se ach do shúile d'oscailte duit: ag súgradh leat.

muirnéis: *b.2.* ceanamhlacht, leagadh, ionmhuineacht. Tá a chroidhe lán de mhuirnéis duit, is mór aige thu, agus is fada do raghadh sé duit: ceanamhlacht: grádhmhaireacht. Sin beirt agus dá mhéid do bhíodar lé chéile tamall níl aon mhuirnéis aca dhá chéile anois: ceanamhlacht: deaghaigne. Nuair bheadh sé ag cainnt leat muirnéis ar fad seadh é, milis, tláith: grádhmhaireacht chainnte.

múirnín: *f.4.* gaolach, téagar, duine go mbíonn cion mór air. Ná goil a thuilleadh, a mhúirnín: a ruidín ghrádhmhair. Seadh tá san déanta go slachtmhar agat: a dhuine chóir. A mhúirnín (dílis): a ghrádh dhil. Ní raibh bean ná múirnín riamh aige: céile ná grádh.

múirníneacht: *b.3.* tláithínteacht, súgraidheacht, meallaireacht. Ní thiocfadh sé chun ceannsachta anois ar mhúirníneacht lae: ar bheith ag déanamh muinntearais leis an fhaid sin ní mhaolóchadh sé. Bhíos ag múirníneacht leis ar mo dhícheall go dtiocfadh sé abhaile ach níor bh'aon mhaith do bheith leis: ag meallaireacht air. Ní lé múirníneacht a gheobhair aonnidh uaim-se, cainnt bhreágh phlámásach ná a leithéid: tláithínteacht agus gliocas meallaireachta.

múis: *b.2.* bean mhór neamhghasta, aindeis; aon bhaineannach mór, tromfheóla; míoshástacht. Nách aindeis an clódh atá ag an múis ar a tigh, suidhte síos ina carn i rith an lae ag cainnt lé haon a gheobhadh an treó. Múis mhór mhná a bhí chómh mór lé buin, ní ghá chasadh léi é: caidir. Cad do chuir an mhúis ort gur fhágais sinn chómh grod, feargach?: míoshásamh. Cuireann sé múis air na garsúin bheith ag feadghail fé: clipeann sé é go mór.

múisceamhail: *a.* tais, meirbh, múchta. Ní maith í an aimsir mhúisceamhail seo do phrátaidhibh, is gnáthach leis an mbleaist (cailín!) tuiteam léi: aimsir thais, dorcha. Tá na laetheannta meithimh seo chómh múisceamhail sin go mbeifeá ag leaghadh id bhraonachaibh: chómh meirbh, trom go mbeadh allus 'n-a shlaodaibh leat. Budh mhar a chéile dhuit éadaighe istigh nó amuigh agat san aimsir mhúisceamhail seo ní haon scarabháil a raghadh ortha: aimsir thais, shilteach, gan corruighe san aer.

múisceamhlacht: *b.3.* taisireacht, meirbheacht, múchtacht. Is fada ó aibiughadh an aimsir seo lé n-a múisceamhlacht, ceódhmharán an uile lá ann: buige, taisireacht is múchtacht. Tá an t-éadach gan mhaith gen múisceamhlacht ó bheith amuigh fé gach sín: taisireacht is "teacht fé" ón dtalamh.

muise: (**mhuise**) *intriacht* go deimhin, á, seadh anois. Mhuise nách tú atá ann: seadh anois, tá áthas orm. Mhuise go dtugaidh Dia a chiall do, nách é atá ag imtheacht do féin ar fad: le truagh. "Thuit mórán airgid isteach air lé déidheannaighe" – "mhuise, ní deireann tu liom san!": lé sástacht. Is dóigh mhuise níl sé chómh sprionnlaithe is tá ainm air: go deimhin níl. Ó mhuise, cad dhéanfad anois is gan pingin im spagadh: lé cráidhteacht. "Mhuise cabhair Dé i gcómhnaidhe chughainn", ars an té a fuair rud tairbheach gan choinne leis: lé háthas. Mhuise Dé bheatha-sa: áthas a fheicsint. "An raghair in aonfheacht linn?" – "mhuise, ní raghad": lé neamhfhonn. A Dhia mhuise, leig dom féin tamall éigin, táim clipighthe agat: á, stad. "Beidh sé ag imtheacht thar lear, cé chreidfeadh é?" – "seadh, mhuise": cuireann san iongadh orm. Mhuise dá maireadh na sean-bhuachaillidhe do b'ait leó agus b'ait dóibh nósa a gclainne: á, dá mb'fhéidir go etc. Mhuise connus tá gach aon screatal ded chorp?: á, connus taoi in ao'chor: lé súil go bhfuilir go maith.

múisiúm: *f.1.* smúiteamhantacht, meirge, modarthacht aimsire. Cortha, traochta tréis na hoidhche ar bolg na farraige thuit múisiúm codlata air: néal mhór, throm. Cómhartha maith ar an aimsir an múisiúm san laisteas: an ceódh tirim sin. Dhein sé múisiúm sar ar shungcáil sé, an fear bocht: cómhartha nó corruighe éigin lé láimh. Múisiúm éigin orm indiugh ná fuil fonn orm fanacht in aon áit: míoshuaimhneas.

múisiúnta: *a. n-dh.* codlatach, neamhshuaimhneasach, corrathónach, tais, múchta, múscánta, dreóighte. Tá boladh múisiúnta ón adhmad san 'e cheal gaoithe is aoir do leigeant chuige: fuar-bholadh, dreóighte. Tá blas múisiúnta ar an bhfíon san, an íochtar soithigh é?: géar. Níl brigh an speáin ionam ag an aimsir mhúisiúnta so: neart ar bith ag an múchtacht is an mheirbheacht atá sa spéir. Ní fheadar cad tá orm, brathaim chómh múisiúnta san ná féadfainn m'aigne do thabhairt ar aonnidh: corrathónach: rúiseach. Tar éis dinnéir mhaith do chaitheamh, bhí sé múisiúnta is shín siar ar an dtolg do féin ar a chraodó: codlata.

muist: *f. n-dh.* caitheamh, éigean, ughdarás, smacht, buannacht gnímh. Níl aon mhuist agat orm-sa, a dhuine, go mbeinn im bhoidín meithile agat: buannacht fóghnaimh. An uair a bhí an muist ges na tighearnaidhibh talmhan ar na daoine, do hata id láimh agat is tú ar do ghlúin chúcha: smacht tíoránaigh. Dar leis an nduine neimh-iongtach úd gur cheart dos na daoinibh umhlughadh dho, nách mór go léir an muist atá amuigh aige: an caitheamh géillte dho. "Ní carthanacht é ach muist" ars an duine leis an bhfear déirce nuair órduigh sé dho síntiús do thabhairt do: caitheamh: éigean. Dá mbeadh aon mhuist aige siúd ort níor mhaith an earra dhuit bheith ag bruic leis: buannacht nó cómhacht. Tá pus is breill uirthi nuair ná faghann a mbíonn uaithi, nách muist aice ar na daoinibh é: buannacht a friothála.

muitseasaidhe: *iol.* geámaidhe, geáitsidhe, cleasaidheacht. Is mór go léir na muitseasaidhe rinnce iad: ag cur breise ann nár ghábhadh d'fhonn suim na ndaoine do tharrac. Muitseasaidhe an domhain uile a bhí air tímcheall na conntabharthach, budh dhóigh leat ná raibh éinne láithreach ach é: geámaidhe, seópáil: cuir is luascadh ghá chur féin in iúil. Lé muitseasaidhe thug sí an lá os chómhair an scátháin ghá suimiughadh féin, ag cóiriughadh a fuilt, ag dearcadh ar a clódh etc.: lé meas go dtabharfí fé ndeara í.

mullach: *f.1.* barr, ceann (tighe etc.), an ceann, árdán, an chuid nó an poinnte is aoirde, maoileann, fíor-uachtar, buaic, carn, buinice, muin. Bíd i mullach a chéile gach aon lá, níor réidhtigheadar riamh lé chéile: in achrann. Cad n-a thaobh bheith sa mhullach orm-sa mar gheall ar rud ná fuilim cionntach ann?: bheith ghom mhilleánughadh, chúisiughadh. Tógadh leis is d'imthigh sé ar mhullach a chinn: i leith a chinn lé fuinneamh. Bhuail sé an bóthar anuas is gan faic ar a mhullach, hata ná caipín: ceann. Riamh riamh ní fheaca í chómh hait agus tá sí an aimsir seo, tá an mullach ar fad imthighthe dhi: as a ciall ar fad. Ó mhullach a chinn go lúidín a choise goirtigheadh é: gach pioc dá chorp. Bhí sí gabhtha gléasta ó mhullach talamh: ó hata go bróig. Fógair ó mhullach na dtighthe é maidir lém chuid-se dhe: aithris don saoghal mór é. Sciúird an capall fiadhain an tsráid síos ag scaipeadh na ndaoine soir siar, ach bhí fear maith éigin a léim 'n-a mhullach agus a choisc: sa cheann air. Capall ró-fhiadhain é sin, chómhairleóchainn duit gan léimeadh 'n-a mhullach: dul ar a mhuin. Gach aon mhallacht sa mhullach aice air: go trom

dúbhluighthe. An mullach: baile ar ardán. Mullach bhéal: baile idir dhá chnoc nó mám. Do chrith an tigh ó mhullach talamh: ón maide droma go dtí an chloch bhuinn. Maide mullaigh an tighe: an raidhilse ar fhaobhar ó bhinn binn go mbíonn ceann na cúplaidhe ceangailte dhe. Ná déin aon teasardha eatartha, leig dóibh dul i mullaighibh a chéile: i gcochall a chéile: ag bruighean lé chéile. Chuadhas ar mhullach mo ghlún ag athchuinghe gan rud chómh gránda leis do dhéanamh: ar chealgán mo ghlún. Ní fhéadadh mo dhícheall iad do choimeád amach nuair bhrughadar isteach ar mhullach a chéile orm: ag baint na sál dá chéile. Éan mullaigh duibh é seo: ceann is muineál dubh air. Ón lá thuit sé ar mhullach a chinn ní raibh pioc dá shláinte: bior, barr. Tháinig sé i mullach an tighe: thosnuigh sé anáirde ar fad is leag go talamh é. Is amhlaidh mar tá agat-sa, is ag do chuid scéalta "mullach lom ag béal na bréige": sean-ropaire éitigh ná fuil snas ar a chuid bréag is ná creidfeadh éinne é. Sin é mullach taoide féach an rian sa ghainimh: an aoirde tháinig sí. Tá an mullach sroichte aige, ní dóigh liom go bhféadfadh sé dul a thuilleadh: an chéim is aoirde gnóthuighthe aige. Tugadh faillighe don mbád i mullach na huanach is iompuigheadh í: in áirde n-a cír. I mullaighibh cnoc ag teicheadh leis féin ar feadh i bhfad: go hárd ameasc na sléibhte. Níor fhan aon rud aca a phollfadh an soitheach, bhriseadar an mullach isteach ann: ceann dá cheannaibh. Chuireadh sí cochall éadaigh ar a mullach chun an chaláin bainne d'iomchar air: ar a ceann. Tá an rud tinn sin ag teacht chun mullaigh: ceann buidhe othair. Bhain sé an mullach den ubh: an sliogán de cheann de. Cuir mullach air: cuir ceann nó a thuilleadh air. Sin "piúnt" go bhfuil suiméar ann, féach an mullach atá air: ceann cubhráin. Ní rabhas-sa acht ag tabhairt éachtainte dho ar an scéal, bhainis-se an mullach ar fad de in aonfheacht: scaoilis an cat as an mála: tháinghís sa cheanntsláine dhe. Tá sé mullach lé talamh anois: a cheann fé aige: é claoidhte. Raghaidh sé go mullach anois sara stadfaidh sé: chómh hárd, (fada, dian, etc.) agus is féidir é. Tair as mhullach an choca: bain an féar as a uachtar. D'imthigh sé thar mullach: thar cnoc: as radharc. An glór géar, an liach gránda do leig sé gheóbhadh sé (sí) tríd mhullach: tríot cheann: ghoirteóchadh sí t'éisteacht. Cá bhfuil mullach an chorcáin seo: an chlúid. Gach tonn sa mhullach uirthi: ag gabháil lastuas di 'n-a slaodaibh. "Agus do bhí radharc glóire an Tighearna cosamhail lé teine loiscnigh ar mhullach an sléibhe i súilibh chlainne Iosrael" (Ecs. XXIV. 17): fíor-bharr. Tógadh linn agus thuiteamair ar mullach mairc a chéile: in aon charnán achrannach amháin. Cladhaire seadh thu agus ina mhullach san inneósad rud eile duit, bitheamhnach seadh thu: ina theannta san. Mullach gliobach muirearach uirthi: folt trom cinn.

mullóg: *b.3.* ardán, éirghe talmhan, maol. Níl sléibhte ná cnuic ann ach mullóga: ardáin ná fuil géar: cnocáin thalmhan. Cuir mullóg ar an gcalán mine sin: cruach anáirde ó n-a béal an méid a raghaidh ann. Bhíodh mullóga ar na báid lé hiasc gach maidean bhí sé chómh flúirseach san: carnáin anáirde thar gunail ortha.

mún: *f.1.* fual, uisce lobhtha; ag déanamh an uisce; lionn olc; léic; ag leigeant uaidh. Tá an oidhche ag mún: báisteach ann. Níl mún dreoilín agat!: ádhbhairín beag uisce. Tá mo mhún agam: fonn uisce do dhéanamh orm. Dheinis do mhún fút an lá fhágais do bheart mhaith le hionchas go bhfaghfá áit dob fhearr: dearmhad breágh trom. Nuair dheineann duine tuaiplis nó botún déarfí leis, "tá do mhún anois agat". Tá an soitheach san ag mún is gearr a bheidh braon ann: ag leigeant uaidh. Níl sa lionn dubh so ach mún: deoch gan mhaith. Ní fhéadfadh sé a mhún do dhéanamh gan tu do bheith in aonfheacht leis:

gobadán lé béal cuaiche: ghá leanamhaint ó bhall ball. Níl annsan díreach ach mar bheadh mún san aer: rud gan deallramh. Táid ag mún anuas sa drom ort gach aon lá ded shaoghal i nganfhios duit, tusa ag obair dóibh 'sag saothrughadh chúcha, iad san díomhaoin: ag déanamh amadáin díot.

muna: *c.n.* cuirtear i gcás nárbh eadh, acht go. Munab ort atá an t-éadan: nách tú atá go dána, tighearnamhail. Muna (munab, mara) bréag é is mór an scéal é: cuirtear i gcás nách eadh etc. Muna tú an fear againn bheith ag gabháil ar leanbhaidhibh beaga (searbhas): is diail go léir an fear thu. Ná fanfá tamall, munab ort atá an deabhadh: nách ort atá an deithineas. Munab é an gearán so é sé an gearán eile é: gearán éigin do shíor. Muna mbeadh mo mháthair do bheith aosta do bhaileóchainn liom: acht go bhfuil sí. Ní heól dom cad budh thrúin bháis do acht munab í an chos thinn: níl m'amhras ar aonnidh eile. Muna mbeadh gaoth andeas aca gaoth aniar budh bhuige dhóibh: i gcás ná beadh. Muna bhfuileann tú briste anois rithfidh choidhche leat: i gcás ná fuilir. Níl sé leat in ao'chor muna mó atá sé id choinnibh, a déarfainn-se. Is fearr cinn ná ceann muna mbeadh gan bheith ann ach ceann sean-chaorach: cuir i gcás ná beadh ann acht é. Dá mbeirteá ar dhuine ag déanamh calaoise, déarfá, "muna tú atá go glic agam". Munab ort atá an t-olc gan chúis: is diail go léir an t-olc é. Munab againn a bhí an lá ar an bhfeis: lá iongtach ar fad a bhí againn. Anois an t-am aige rud éigin do dhéanamh munab ionann agus riamh: cuir i gcás nách é an scéal cheana a bhéas aige.

múnach: *a.* ag baint lé mún, claon lé huisce do dhéanamh go mion minic. Deóch an-mhúnach seadh an leann dubh: cuireann sé duine ag déanamh a chuid uisce go minic. An té go mbíonn aon cheasnaidhe ar a dhubháin bíonn sé múnach: ní bhíonn aon choimeád uisce aige. Oidhche mhúnach go maith seadh í: fliuch.

múnaim: *b.a. 7 n-a.* déinim mo chuid uisce; fualaim. Níor mhún sé fé riamh go dtí anois: níor dhein sé a bhotún i gceart go dtí so. Ná mún a thuilleadh orm: ná bí d'iarraidh a thuilleadh brabúch d'fhagháil orm: ná bí d'iarraidh camasghail do dhéanamh tríd chuid gliocais. Múnfaidh sé fén oidhche, féach air sin de thulca dubh thiar ort: fliuchfaidh sé. "Sin breis ort", ars an dreóilín leis an bhfarraige nuair mhún sé innte: dhein a chuid uisce innte. Ní maith leis codailt i leabaidh iasachta, múnann sé fé: scéidheann a chuid uisce air agus é ina chodladh. Deirtear lé duine go mbíonn botún nó dearmhad doileighiste déanta aige, "mún san aer anois". Tá sé chómh tighearnamhail is misneamhail sin go múnfadh sé ort!

múnla: *f.4.* an cabhadh nó an chlais go gceaptar aonnidh ann; ceap, clódh, dealbh; cnaipe mór coise (casóige etc.); dreachtán, pátrún. Múnla coinneal: an fearas is cabhadh ann do chlódh na coinnle chun na geire do leigeant ann. Múnla nadhbhóige chómh greanta gleóidhte is chómh fíneálta gur dhóigh leat ná féadfadh lámh peacaigh máillidhe chómh beag do láimhsiughadh: dealbh beag. Abair liom an múnla báid a theastuigheas uait agus déanfad ceann duit: an clódh, toirt, etc. Chaithfeadh sé múnla anáirde chómh maith lé fear: d'imreóchadh sé a chion (in ionad airgid cnaipidhe do bhíodh ag garsúnaibh bochta). Budh déanta córach an múnla fir é: dealbh: crot. Do mhúnla-sa de mhnaoi dob eadh í: cosamhail leat-sa i ndeilbh 'sis ndéanamh. Budh dhóigh leat gur amach as an múnla do leigeadh í: as an ndeil: gurb amhlaidh do cúmadh ar an gcuma san í d'aon

ghnóth glan. Fuair an trucail oiread san tuargana gur imthigh sí as múnla: gur imthigh déanamh an chéad lae dhi. Dein é sin ar mhúnla an chinn eile: díreach ar a nós.

múnlach: *f.1.* draoib buaille, portaigh, díghe, etc., uisce salach. Bhí an múnlach chómh gorm, géar san sa bhuaille gur ghiosáil an t-uachtar sa bhothán in aice leis: an sughlach salach etc.: gur ghéaruigh sé: go dtáinig bracadh air. B'fhearr liom múnlach d'ól 'ná an té do dheineann sí, lé n-a olcas é sin. Chómh salach le muic múnlaigh: a bheadh ghá hiomlosc féin i ngach saghas draoibe.

múnláil: *b.3.* ag ceapadh as nó lé múnla; cúmadh; corruighe na lámh mar bheadh ag dealbhughadh ruda éigin. Annsan a déintear a mhúnláil ar an iarann te, dearg: a ceaptar 'sa cúmtar é ar pé clódh is mian. Bíonn an leanbh ag múnláil chré: d'iarraidh dealbh nó crot rudaidhe etc. do dhéanamh aiste. Ag múnláil cinn as cré atá sé: ag déanamh deilbhe nó cruit cinn. Is taithneamhach an mhúnláil thu: nách córach líomhtha an déanamh duine atá ort. Cad é an mhúnláil atá annsan ort, nó cad tá agat dhá dhéanamh?: sníomh is fighe léd lámhaibh: oibriughadh nó útamáil leó ná fuil soiléir dom. Ní rámhaidheacht atá agat-sa ach múnláil: corruighe gan éifeacht.

múnlálta: *a.r.* cúmtha as mhúnla, córach, fuinnte, tochraiste. Is múnlálta an fear é ní fhéadfá gan stad ag féachaint air: é déanta i ndiaidh a chéile gach aon phioc de go córach. Bád, capall etc. múnlálta: cúmtha go líomhtha. De dhuine ná raibh múnlálta budh dhiail an neart a bhí ann: ná raibh déanta go córach.

múnlóir: *f.3.* duine a cheapas nó a mhúnlálann earraidhe, iarnaidhe is uile, as an mbruth. Is maith cliste an lámh múnlóra a bhí ag an té a mhúnláil na seóda óir atá againn. Múnlóiridhe muilinn an iarainn.

múr: *f.1.* cioth, ceódh smúite, bruth, falla. Múrtha ag imtheacht ar na bóithribh indiugh, cómhartha báistighe: smúit lé gaoith. Cuireadh na múrtha fáilte romham go deimhin: na céadta mílte. Múr mór teineadh a róstfadh mart saille thíos aca: bruth mór: raidhleán: bladhmsach. Is minic do cuireadh Lonndain trí mhúrthaibh lasrach ó thosnuigh an cogadh: tóiteáin throma. Ní raibh oiread de náire riamh ar mhnaoi an tighe, ní raibh oiread d'aon rud dob fhiú do chur ar an mbórd fé mhúr an tighe: fé iadhadh (fhallaidhe) an tighe. Ní maith an bhail ar churadóireacht an múr báistighe sin: tulcaidhe troma.

múráil: *b.3.* greamughadh is feistiughadh báid nó luinge ar leabaidh ancaire. Cuireadh ar a múráil í: fé ancaire. Bhris an mhúráil is chuaidh an long i dtalamh: an feistiughadh cáblaidhe is uile.

múrálaim: *b.a.* 7 *n-a.* cuirim ar leabaidh ancaire, greamuighim. Múráladh i lúib an chuain í fé dhá ancaire: feistigheadh.

murchadh: *f.1.* ainm bháistighe fireannaigh. Murchadh an Tóiteáin: iarla ar Inse Chuinn. Chonnaic sé Murchadh an oidhche fhiadhain úd ar an bhfarraige nó an tor budh ghiorra dho: fuair sé scannradh saoghalta. "Táim gan Murchadh gan Mhaonas anois" deirtear nuair bhíonn deireadh caithte nó imthighthe, nó an rud déidheannach go mbítear ag brath

air. Tá an oiread san morchaidh beartha air i rith a bheatha gur beag eile a sheasóchadh é ach é: trioblóid, duadh is clampar. Tugann sí murchadh dho nuair thagann sé abhaile is braon sa mbreis caithte aige: bualadh is scannradh. Chonnaic súd murchadh: an oiread is nár theastuigh uaidh.

murdal: *f.1.* marbhadh, uathbhás, sceimhle, ár, coir. Déanfaidh an lá indiugh lá murdail ar chródh na himeartha mar nách buidheach atá na fuirinn dá chéile, is ní bheidh báidh ná leagadh eatartha: lá go ngoirteófar daoine. Míle murdal é a bhfuil de bhiadh bhreágh dhá chur ar tóin puill sa chogadh so is a bhfuil de dhaoinibh bochta ina uireasa go cruaidh: is uathbhásach an scéal é. Mile murdal é chailleas mo scian (chaill sé an rás, d'imthigh a bhean uaidh, níor fhill sé riamh etc.): a thruagh go deo. Déanfaidh an fear fiadhain sin murdal mara gcuirtear cosc leis ar an bhfuadar árd atá fé: díoghbháil agus díth. Bhí murdal ar an mbaile nuair braitheadh a raibh goidte tar éis na hoidhche: gleódh, cainnt, is callán mór.

murdar: *f.1.* marbhadh coirpeach lé toil mheanmnaigh.

murdaraer: *f.3.* duine a ghníos murdar; ainscian duine. A mhurdaraer ní mór an iontaoibh do bheadh agam-sa: duine gur bheag aige aon choir do dhéanamh. Dá mbeadh sé ar fhearaibh macánta an domhain tá clódh an mhurdaraera air: fíor-dhroch-chuma.

múrghail: *b.3.* ag tuiteam go trom, smúiteamhantacht. Tuar brothall an mhúrghail sin feadh bhun na gcnoc: smúit éadtrom cheóidh. Théis phléasctha na hoidhche ar an gcathair bhí múrghail dheataigh 'n-a luighe ameasc na sráideann: scamaill deataigh: meirge. Tá sé ag múrghail chun báistighe: ceódhmharán, tais. Ní haon díoghbháil ach maitheas mhór an mhúrghail báistighe seo dos na barraidhibh mar bhí an talamh 'n-a bhalc: ceathanna éadtroma.

murlach: *f.1.* linn, poll, lochán in imeall trágha. Talamh ró-gheairrid don bhfarraige, gan puinn áise go minic mar bheadh taoididhe móra, bíonn sé lán de mhúrlaigh go snámhfadh bád ortha: locháin. Ní bhfaghfá aon iasc sa mhurlach san, de dhruim na carraige isteach do thagann an sáile: log mhór uisce gan sraoth ar bith aiste.

mursaire: *f.4.* tíoránach, duine tighearnamhail, teidealach, leitheadach, troiméiseach, iarmartach. Maran tú an mursaire againn go gcaithfidh na daoine an áit d'fhágaint uait: troiméiseach: teidealach. D'iarrfadh an mursaire sin ort aon rud do dhéanamh do agus mara maith: neimh-iongtach gan bheith buidheach. Níl aon chléireach sa tsiopa ná go bhfuil ar crith 'n-a croiceann roimis an mursaire, táid chómh mór san fé n-a iongain aige: iarlathach: smachtamhail. Dá bhfeictheá an mursaire sin ar an sráid, na geámaidhe a bhíos fé budh dhóigh leat gur duine éigin tábhachtach é: tóirtéiseach gur dhóigh leat go raibh cúis adhbhar aige leis.

mursaireacht: *b.3.* fonn smacht, tighearnamhlacht; iarlaidheacht. Ní leigfinn do ná d'éinne eile mursaireacht a dhéanamh orm go mbeinn im bhais chait aige ar gach aon chor den ló: ughdarásaidheacht dhian do dhéanamh orm péaca é do bheith de chóir aige nó gan a bheith. Oiread is focal cainnte ní leigfeadh an saoiste céadna dos na fearaibh do

labhairt lé mursaireacht: tíorántas: déine a chuid ughdaráis. Bíonn fonn mursaireachta air leis an gcriú, sin é an fáth ná luigheann éinne ró-fhada leis: fonn bheith ag órdughadh ortha 'sag tabhairt sclaimheanna ortha.

mursanta: *a.r.* (**mursanach**) tóirtéiseach, tighearnamhail, tíoránta. Ó thuit sé beagán sa tsaoghal ní bhíonn oiread scléipe fé, is fusa labhairt leis, níl sé trian chómh mursanta agus bhí: tóirtéiseach, ceann-árd. Labhair sé chómh mursanta san ag tabhairt órduighthe dos gach éinne gur dhóigh leat gur leis idir anam agus chorp a raibh ag obair do: chómh dian, tighearnamhail. Mursanta a dhóthain atá sé chun aon ruda do thógaint air féin: iarlathach, deiliúsach. Cléireach mursanta nách mór go bhféachfadh ort ag déanamh do chúraim leat: troiméiseach: bóibéiseach.

mursantacht: *b.3.* troiméiseacht, tóirtéis, tighearnamhlacht, tíorántacht. Lé mursantacht gaibheann sé isteach is amach 'on oifig gan oiread agus féachaint ar éinne des na cléirigh: tóirtéis as féin agus táir ar chách. A rian air féin is ar a thigh is iad atá go bocht dealbh go bhfuilid fé mhursantacht an díomhaointis: fé chómhacht. Is mór go léir an mhursantacht duit do cheann do chur i ngnóthaidhe an tighe seo, fear ná baineann leis: deiliús, tighearnamhlacht. Foillsigheann sé gach tráth a mhursantacht cumais: suidheamh tighearnamhail a chómhachta. Mursantacht na dtighearnaidhe talmhan ná bíodh géilleadh ná taise aca dá dtríontaidhthibh ach taobh na súgán des na tighthibh do thabhairt dóibh: tíorántacht gan chuimse. An mhursantacht so ná leigfeadh do focal síbhialta do thabhairt duit dá bhfágfá pócaidhe airgid ina shiopa: an meas thar barr air féin, is an ceann síos ar chách.

músc: *f.1.* glaodhan, prabhait, lobhthacht, úirleacan. Cuireann an boladh gránda atá uaidh fonn múisc orm: cur amach nó úirleacan. Músc ar fad atá ag teacht as an gcneadh san: othar gránda, bréantas. Nuair buaileadh i gcoinnibh an fhalla a cheann deineadh múisc de: bruth bhog, bhrúighte. An boladh breágh atá ó mhúsc na n-ubhall: an sughlach brúighte asta.

múscach: *a.* lobhtha, lán d'othar, bréan. An boladh múscach a tháinig as an iasc lobhtha: bréan. Budh cheart an chneadh san do lannsáil, tá sí múscach: lán d'othar. Toisc na bhfuinneóg a bheith dúnta agus an seómra an-bheag bhí múscach alluis ar an bhfear breóidhte: brat alluis go raibh boladh uaidh.

múscailt: *b.3.* (*-altha, -alta*) dúiseacht, mothallughadh, preabadh, spreagadh. Níl aon ghnóth é do mhúscailt tá sé ró-fhada gan codladh do dhéanamh: dúiseacht. É san gan húm ná hám as is mé d'iarraidh é do mhúscailt lé cainnt: é spreagadh chun labhartha: beodhamhlacht do chur ann. Nuair bheidh Éire ina múscailt i gceart déanfaidh sí go maith: tógtha chun gnímh. An bás an t-aon rud ná fuil múscailt uaidh: éirghe uaidh. Deoch láidir mar í sin budh gheairrid an mhoill uirthi thu do mhúscailt: do spreagadh is do chur ar meisce. Níl ach múscailt feirge bheith ag tabhairt teallaireachta dho: dúiseacht: corruighe. Tá an girrfhiadh ar múscailt gen gconairt: curtha as a chanach. Bainfidh súd múscailt as bhur súilibh muna leigeann sibh do: leathadh: cuirfidh sé iongadh (sceimhle) oraibh cad dhéanfaidh sé. Idir mhúscailt is suan dom do chuala an glór, mar sin nílim lán-deimhnightheach cad as go dtáinig sé: idir dhúiseacht is chodladh. Níl aon bhéim a

thugadh sé don gcloich leis an órd mór ná go mbaineadh múscailt aiste ar an mbéic a leigeadh sí: dúiseacht: tuargaint a shuathadh í. An ré ag múscailt de dhruim na gcnoc: ag teacht i radharc. Go saorair sinn (a Dhia) is uathbhásach an mhúscailt a bhaineann pleascáin aoir nuair bítear ag madhmadh cathrach: an crothadh agus an tuargaint. Bhain an crústa 'e dhorn san múscailt as a leathcheann, an bhfeacaís an crothadh a baineadh as: suathadh: bhrath sé go maith cruaidh ar an mball san é. Stad! ná bí ag múscailt na marbh: gleódh na cruinne uile atá agat dhá dhéanamh. Droichscéal ná deaghscéal ní bhainfeadh múscailt as tá sé chómh réagánta san: corruighe aigne: preab. Is deacair an girrfhiadh do mhúscailt as an dtor ná fuil sé ann: do chur amach: lé tóir: an rud ná bíonn ann ní bhfaightear ann. Chuaidh sé chun atúrnae chun na dlighe do mhúscailt i dtaobh na hudhachta ná fuair sé a chion de: do chur ar siubhal. Cad mhaith bheith ag múscailt sean-fhalaidhe, nách fearr iad d'fhágaint marbh: ag tagairt dóibh: cainnt do dhéanamh ortha. Thugas seachtmhain fhada dhíreach ar lorg an fhocail sarar fhéadas é do mhúscailt: d'fhagháil amach: a ionadughadh.

múscailte: *a.r.* dúisighthe, spreagtha, tógtha, i ndúiseacht. Um an dtaca san bhí an fiadh múscailte agus an chonairt ar a thóir: dúisighthe is curtha as a ghnáthóig. Duine ná daon ní raibh ar an sráid ná freagra ar chnagadh, ní raibh neach múscailte: ina ndúiseacht. Budh dheacair do é féin do chosc ar fheirg, bhí sé múscailte ge n-a gcuid achmhusán: spreagtha, tógtha. Táir múscailte chun aighnis anois, is cosamhail lé sruth muilinn thu: curtha chun seigheamhtha: spreagtha, tógtha. An bhfuil do spiriddhe múscailte gen mbraon beó san: an bhfuil anamamhlacht mar a raibh mairbheacht? Fan go mbeidh an capall san múscailte chun siubhail ina cheart - chídhfir siubhal is fuinneamh: corruighthe.

múscailteach: *a.* so-dhúiste, faireach, spreagthach. Deoch mhúscailteach seadh té: choimeádfadh sé id dhúiseacht thu. Fear múscailteach d'éireóchadh sé aon am den oidhche as a chodladh: so-dhúiste. Mar a chéile a bheith d'iarraidh é sin do dhúiseacht leis na mairbh; duine do-mhúscailteach. Bíonn rud éigin i gcómhnaidhe ag an bhfear múscailteach: go mbíonn a shúile oscailte.

múscailteacht: *b.3.* spreagadh, corruightheacht, braithteacht. Siubhal go haicillidhe ar eagla tu do chlos, tá muinntir an tighe seo árd-mhúscailteacht: braithteach: is furaiste a suan do bhriseadh. Mara mbeadh an mhúscailteacht a bhain an caifí sin asam bheinn im mheig chodlata anois: an spreagadh: corruighe spiriddhe.

múscán: *f.1.* púca padhail, bolbhan béice, clúmh liath, etc.; saghas éisc; laoidhean adhmaid, adhmad scagach; cré reatha; lobhthacht, bréantacht. Ní fhéadfainn dul i ngoire na huagha le múscán nách í crích an pheacaigh: boladh bréan. Ní lasfadh múscán an adhmaid seo: an croidhe tais. Pholladar idir fhranncach is luch isteach fén bhfalla agus rinneadar múscán den úrlár: thairngeadar an chré ar barra is dheineadar criathar poll den áit.

múscánta: *a.* bog, tais, tabharthach, liath-shnasta, fuar-thais. Móin mhúscánta í, bán, snaithíneach, gan aon fhód dubh ná cruaidh uirthi: bog, mion-phollta. Arán múscánta déanta de thaos éadtrom tar éis a ghéaruighthe.

músclaim: *b.a. 7 n-a.* dúisighim, mothuighim, spreagaim, corruighim chun gnímh, cuirim as nid, gnathóig, pruais, canachán etc., tosnuighim, cuirim ar bun, tagraim do, mothalluighim. Múscail tu féin, a liaghairne, is éirigh as san, déin rud éigin: corruigh thu féin: téighir i dtreó oibre. Níor mhúscail sé as an dtrom-shuan san ó thuiteam oidhche go headarshuth bó ar n-a bháireach: níor dhúisigh. Múscail! táthar chughainn!: corruigh is bí id shuidhe. Ní mhúsclóchadh sé choidhche é féin as an bpoll portaigh gan chabhair, bhí sé thíos go smig ann: ní shaorfadh. Ar mh'anam gur mhúscail an phiast í féin sa deireadh as an líon: réidhtigh. Nuair buaileadh an chloch leis an órd trom múscladh go maith í: suathadh í: corruigheadh gach pioc di. Nuair múscladh an girrfhiadh baineadh preab as gur éirigh cruinn, díreach anáirde: dúisigheadh ina chanachán é. Mhúsclóchadh súd an dlighe ort gan puinn moille dá ndéantá foghail ná crosa air: bhéarfadh chun na dlighe thu. Cad tá buaidhte agat lé hachrann, athchuinighim ort ná múscail an tseanchúis sin: ná tagair di. An gleódh is an calán a bhí ar fuaid an bhaile seo airéir ag lucht achrainn, cé mhúscail an t-áiteamh so ach tusa: a chuir ar bun é. Dar leat gur fear an-mhacánta é ach múscail i gceart é agus seadh bheidh a fhios agat cad é an dearmhad breágh atá ort: corruigh, spreag é. Nuair múscladh an draoib a bhí ar thóin an phuill, shailigh sí an poll is níor bh'fhéidir faic d'fheicsint: corruigheadh is tógadh. Músclann sé gan ró-mhoill go mbíonn an tart air le hionchas go bhfaghadh a fhuascailt: cuireann in iúil. Níor múscladh fós aon leigheas do ghalar na madraidhe: níor nochtadh: fuairtheas amach: ní deaghthas amach air. Féach an tslighe atá do chuid ag leaghadh ort, músclóchair lá éigin nuair bheidh sé ró-dheidheannach agat, b'fhéidir: tiocfair chun céille. Ní raibh aon eochair i seilbh an tsladaire oidhche a mhúsclóchadh an glas céadna: a osclóchadh é: a chuirfeadh i ndiaidh a chúil é. "Dá mbeitheá fíor-ghlan agus díreach go deimhin do mhúsclóchadh sé anois ar do shon agus do dhéanfadh áitreabh t'ionracais sona" (Iób VIII. 6): do dhéanfadh do mhaitheas. "Muscail, a ghaoth adtuaidh, agus tair-se, a ghaoth aindeas, agus séid ar mo gharrdha ar chor go séideadh a spíosradh amach" (Cantaic Sholamh IV. 16): éirigh, corruigh as do thost. "Músclaidh, a lucht na meisce, agus goilidh agus nuallaidh uile, a lucht ólta fíona..." (Ioel. I. 5): tagadh bhur gciall is bhur meabhair díbh. Daoine achrannacha ná téigheann lagadh ortha ach i mullach a chéile, is beag a mhúsclóchadh eatartha: d'adhanfadh troid. Má múscluightear a teanga mo thruagh go daingean an té a léasfaidh sí: cuirtear chun cainnte.

mustar: *f.1.* tóirtéis is éirghe anáirde, uabhar, bóibéis, bródamhlacht; móiréis, uaill-mhian, blomas, meas mór (fé), mórdháil; cruinniughadh; léir-bhreithniughadh. "Mustar gan ghustal is deacair é d'iomchar": éirghe anáirde gan cur leis is gnáthach gurb olc an chrích a théigheas air. Bean ithte lé mustar ná deineann coidreamh lé n-a mhnáibh comharsan: lé mórdháil, meas mór aice uirthi féin, agus ceann síos ar chách. Tá mustar air go bhfuair sé beart mhaith: tóirtéis: ní beag aige é féin. Níl san éadach san agus sa taidhbhse go léir ach mustar: blomas: mórdháil dhúmais ná fuil pioc de dearbh. Chuirfeadh sé mustar ar éinne an nidh iongtach atá déanta aige: meas mór, laochas. Ní gábhadh dho aon laochas mustair do bheith aige air féin as an ualach san d'iomchar, tá céad fear ar m'aithne d'fhéadfadh é do dhéanamh: mórdháil nó mór-mheas as a chuid nirt. Lá mór mustair sa Daingean ambáireach, lá na ráiseann: dubhachtaint na gcnoc is na sléibhte de dhaonibh ann. Roim gach rás bíonn na capaill mhustair sa bhannrach lé n-a mbreithniughadh ag éinne: scrúdughadh ceartéiseach. Nuair cuirtear ball nuadh, gleóidhte ar leanbh bíonn mustar air as: bródamhail as: áthasach a bheith tábhachtach. "Ní maith

mustar ná mór-chúis gan bior gan briogún": ní maith an bhóibéis gan gustal: gan bior: rud le cur air. Leig don mhustar agus scrígh an leitir i gceart: na gothaidhe is na geámaidhe taidhbhse. Lé mustar asat molfad de ló is d'oidhche thu i mball 'is mbeárnain: meas agus áthas a ghluaiseas ód thréithibh is ód bheartaibh. Oiread is aon uair amháin ní bhfuair sé greim ar an liathróid, bhain san smut den mhustar imeartha dhe: an ró-mheas feabhasa. Má bhír ghá mholadh cuirfir an iomad mustair aige air féin: braithfidh sé tábhachtach: níos fearr ar gach cuma. Is lag leis sin daoine bochta, mar sinne, i ndiaidh an mhustair i gcómhnaidhe é: ag éileamh coidrimh daoine galánta, mórchúiseacha. Dhéanfadh leath an mhustair thu, níor bh'fhearr do leath san aer ná bheith ciúin réadhchúiseach: éirghe anáirde ná tugtar chun baile.

mustárd: *f.1.* plannda go mbláth mbuidhe agus síol dubh nó bán istigh i gcochall. "Is maith an mustárd an sliabh": is maith é chun an goile do thabhairt do dhuine. "Do chuir sé cosamhlacht eile chucha ghá rádh, is cosamhail ríoghacht neimhe lé gráinne síl mustáird do ghaibh neach chuige agus do chuir sé ina fhearann" (Matha XIII. 31). Cómh te lé mustárd: an-the.

mustrach: *a.* tóirtéiseach, mórdhálach, móiréiseach. Is minic a bhí capaillín mustrach fé n-a thóin aige: módhmharach: go raibh ceól is tabhairt amach ann. Is mustrach a bhuail sé an tsráid síos ina chulaith nuadh 'sa hata péacach, is leath an aonaigh ghá bhreithniughadh i bhfios do: taidhbhseach, baoth. Ní haon ghaiscidheach capaill é, ní bheinn mustrach as dá mbudh liom é, ní chaillfinn mo chiall ghá mholadh: bródamhail, móiréiseach. Is minic a bhí braimichín gioblach ina chapaillín mustrach: go mbeadh anam ann 'sa cheann san aer, is gluaiseacht líomhtha fé. Nílim mustrach mo dhóthain do súd chun bheith in a chuideachtain: ní fhoillsighim oiread cómharthaidhthe go dtuigtear dom go sáruighim i dtréithibh ar neach eile.

mustrún: *f.1.* duine mór-thábhachta i gceanntar. Ní fada ná go mbeidh sí ina meithil mhustrúin: ceann an-mhór: meitheal go mbíonn duine ag teacht go mion minic ghá méadughadh. Maran tú an mustrún againn go gcaithfear freastal ort mar is áil leat: duine mór fóghnamh ag dul do.

mustrúnta: *a.* máighistreamhail, mursanta, stalcach. Géill do réasún adeirim leat is ná bí chómh mustrúnta san: stalcach: ceanndáine. Ní ró-fhuraiste obair do, tá sé mustrúnta go maith: dian ar lucht oibre dréir an méid ughdaráis atá aige.

mustrúnacht: *b.3.* ceanndáine, stalcaireacht, mursantacht. An mhustrúnacht go léir a bhíonn air budh dhóigh leat go riarfadh sé dúthaigh: an fonn gach éinne d'oibriughadh. An mhustrúnacht nár leig do géilleadh don gceart: ceanndáine. An mhustrúnacht atá air: a thábhachtaighe taidhbhsightear do.

mútamhail: *a.* saidhbhir, masmasamhail. Feóil mhútamhail ná féadfá puinn di d'ithe: saidhbhir: a chuirfeadh casadh in aigne lé méitheas. Tá an scadán mútamhail go maith anois sa bhfóghmhar tá sé i saosúr: saidhbhir, méith, lán d'íle. Talamh go bhfuil cré mhútamhail ann do bharraidhibh áirighthe bheidís ró-throm ann: saidhbhir: úir saidhbhir ann: lán d'íle. Ná hith aonnidh mútamhail: méith: sughlachmhar, suiméardha.

mútamhlacht: *b.3.* saidhbhreas (biadh), méitheas, sughlachas, suiméardhas. M'fhiacal ní fhéadfainn do chur innte lé mútamhlacht: méitheas agus saidhbhreas. Bíonn an scadán go maith, mar ní bhíonn iomad mútamhlachta choidhche ann: suimeardhas: saill go mbeadh sughlach ag úscadh amach aiste.

N

ná: *r.dh.* Ná rabhais dealbh choidhche: guidhim gan tu rud do bheith agat. Ná rabhad ag Dia! má theangmhálas leis: mo ghuidhe gan me etc. Nár leigidh Dia mór dhúinn é maran tú an fear mustrach againn (gráin): go gcoimeádaidh Dia uainn é. Ná bíodh "ná" ná "ní" ort ach déin: ná bí ag sileáil ach déin go tapaidh. Dá ndeinidís san bheadh rud dá bharr aca ach an uair ná déinid: in easnamh a dhéanta. Ná buailtear isteach id chroidhe ná gur togha fir é: aon smaoineamh acht gur fear maith é ná bíodh agat. Anois go machtnuighim air, ní deirim ná go bhfuil an ceart ar fad agat: ní shéanaim é do bheith agat. "Sin é t'fhear ag teacht anois" – "nára b'é" (iongadh): ní fhéadfadh gur b'é. "Sin earra chómh maith is cheannuighis riamh" – "nára b'eadh": níor bh'fhéidir sin. Nár iarraidh do lámh fuilg ná uachtar!: mo ghuidhe gan gábhadh do bheith leó. Nár mhór a theastuigh cunntaisidhe gach éinne uaidh?: budh phiaclach do bhí sé chuige. Toisc ná hiomcharóchadh sé é féin do ruaigeadh as an gcoláiste é: mar gheall air. Bhí sé ag obair 'sag obair go nár fhéad sé seasamh: go dtí. An uair nár leigeadh do teacht ghoil sé: mar gheall ar a chosc. An uair nár buaileadh a cheann ar an bhfalla budh cheart do bheith buidheach: d'éaluigh a cheann. Cé dubhairt nár iarradh ort teacht?: gur fágadh gan lorg thu. "Ní bheadh aon dul agat air siúd maidir lé neart de" – "ná beadh a bhuachaill": an mar sin é anois? Cad deirir lém bharránach nár sháthaidh a lámh im phóca?: cad is dóigh leat a dhéanfadh sé ach é. Déanfad pé nidh is maith liom is nára míle maith ge t'fhiaclaibh é! Nára fíor duit, a bhleaigeáird!: do ghuidhe nár fhaghair. An té ná féadann cur lé n-a fhocal is truagh é: an duine go dteipeann air. Ní dubhairt sé go gceannóchadh nó ná ceannóchadh: níor thug sé a aigne uaidh. "An é sin Seán?" – "ní hé ná é": gan aon amhras ní hé. "Ar léighis an leabhar úd?" – "níor dheineas ná é léigheamh": aon bhaint ní raibh agam lé n-a léigheamh in ao'chor. "Táir ghom bhuaidhreamh" – "nílim ná me": is fada buidhe uaidh me: aon phioc buaidhrimh níl agam dhá chur ort. "An mbeidh ceannach ar iasc sa bhfóghmhar?" – "ní bheidh ná cuid de cheannach": aon tsaghas ceannaidheachta. Cad ná déanfadh sé ar a bhéal!: d'fhágaint gan déanamh: dhéanfadh sé na huirc is na hairc. "Cad tá uaidh sin?" – "cad ná fuil uaidh?": tá gach aonnidh a gheóbhadh sé agus a thuilleadh 'n a theannta. Ní mór nár báthadh é: chuaidh sé in an-ghiorracht do: ní raibh ach a rádh gur thug sé na cosa leis. Nár athchuinigheas ort stad?: an bhféadfá a mhalairt a shéanadh? Ní dócha ná go bhfuil an ceart aige: d'fhéadfadh bheith. Féachaimís rómhainn agus ná déinimís aon rud go mbeadh a aithreachas orainn. Ní móide ná go mbeidh sé ann: gach deallramh go mbeidh.

'ná: (**ná**) *a.* áirimh is gné. Is iad na daoine a bhí ann 'ná mise féin, athair mo chéile, is mo dhreatháir: iad so amháin a bhí ann. Is é rud atá ag teastáil ó thalamh ón ndailtín sin ná snaidhmeáil: san agus san amháin. Sé tá uaim ná púnt ar iasacht: díreach san. Sé a bhí uaidh a rádh leat ná gur theastuighis uaidh chun oibre dho: san agus sin uile.

'ná: (**ná**) *c.n. rangbháil leis an mbreis-chéim neamh-ionannais, i ndiaidh an aidiachta agus roim an ainmfhocal nó an réamhfhocal a bhíos in ionad an dara rud do cuirtear i gcompráid.* Ní feárr biadh ná ciall: ciall an rud is fearr: tá ciall chómh maith lé biadh aon lá. "Is fearr suidhe in aice 'ná suidhe in ionad": gan a bhfuil agat do scaoileadh uait in aonfheacht: cosamhlacht i ngach nidh. An chéad rud 'ná a chéile do mholfainn-se im thuairm lag féin, socrughadh dearbhtha do dhéanamh ar chúram gach éinne againn:

tosnughadh leis sin. A Sheáin, go saoraidh Dia sinn, an rud a dhein sé ná an scian do tharrac: sin é díreach a rinne sé go dearbhtha. Níor dóighcighde rud do thuitfeadh amach anois ná an obair do stad orainn: thárlóchadh chómh luath lé haon rud eile.

nách: *caidéis dhiúltach agus rang. cheisteach (ná)* Goideann daoine nách é: daoine eile. Is iomdha duine nách tú ná beadh sé de mheisneach aige é do dhéanamh: seachas thu. Tá deireadh agam nách mór: beagán gan déanamh. Ó nách maith leis fanacht go maidean cad é an mhaith bheith ag tafant air: ós rud é. Cad nách maith leis?: is maith leis an uile rud nó go bhfuil rud áirighthe is mian leis. Ó nách deas í, is ó, nách meidhreach?: cé shéanfadh é? Nách fada an oidhche í agus nách diamhair? a leithéid le faide is lé diamhaireacht. Nách maith a dheinis dó san é, nách maith san?: féach go ndeárnais rud do ná déanfá dom-sa. Nách breágh, bog a thagann an saoghal ort is labhairt chómh sonaoideach san air: dréir do chainnte ní mór an bhráig a chuireann sé ort. Nár bh'aoibhinn liom bheith in Éirinn anois?: is orm do bheadh an t-áthas croidhe. Nár bh'fhearra do dhuine bheith marbh 'ná bheith ag briseadh a chroidhe ag obair do dhaoinibh eile: bheadh an scéal chómh maith aige.

nád: *f.1.* faic, neamh-nidh. Ní raibh nád againn tar éis ár nduaidh: faic sa domhan bhraonach. Sé féile atá ann ná faghfá nád uaidh: dada. An bhfuil nád agat tar éis do shaoghail?: faic in ao'chor: aon dath. Ní fiú nád é, ná cuireadh sé aon mhairg ort: rud gan aon luach é. Dá mhéid an tuiteam do fuair sé níor dhein sé nád leis: faic in ao'chor: dochar ar bith.

nádúir: *b.3.* an airdhe dhúthchais in aon rud; an aigne, cúrsa nó riar na nidhthe go léir atá sa tsaoghal; an saoghal imeachtrach nidhtheamhail agus a hiongtaisidhe; aiste dhúthchais gan aon athrughadh ó theasardhain eile; cáilidheacht is tréithe iomláin a théigheas chun clóidh an duine; saghas, sórt: cneastacht, an ball feardha; dúlradh. Sé nádúir na lachan an t-uisce do bhaint amach: tá san geinte innte ó dhúthchas. Sé nádúir an tsionnaigh bheith glic: sin é an mianach atá ó bhunadh ann. Sé nádúir na haimsire fuacht do bheith ann ins an ngeimhreadh: sin é is dual di. Sé a nádúir bheith fial, fáilteach: a dhúthchas: na daoine a tháinig roimis bhíodar ar an gcuma gcéadna. Tá sé i nádúir na bliadhna fuacht do bheith ann um Nodlaig: dréir mar tá ceapuighthe ó bhunadh. Baineann sé lé nádúir go bpósfadh duine: is é a thoisc é ar nós aon ghnáth-ruda a dheineann sé. Budh mhór an nádúir do, trom, aosta mar tá sé, teacht na mílte ó bhaile chun do chónganta: an mianach deagh-aigne. Níl sé de nádúir (dhaonna) ann dul ag adhlacadh na marbh: níl an mianach tréitheach san ann ó phréimh. Ní fhuilngeóchadh an nádúir dhaonna a leithéid de mhasla do thabhairt di: an mianach go bhfuil an duine déanta dhe. Fásann is feóghann an uile rud dréir nádúra: sin é is dual dóibh. Is é nádúir an mhadra bheith dílis don nduine: iomas: tréithe iomchair. Ní hionann nádúir don gcat is don mhadra: ní mar a chéile tréithe, mianach ná slighthe. Ní hionann nádúir d'adhmad is d'iarann: ní mar a chéile clódh ná mianach. Cion na nádúra cion máthar dá leanbh: an dúthchas atá innte. Ní leigfeadh mo nádúr dom aon rud chómh draosta leis do dhéanamh: an mianach go bhfuilim déanta de. "Cá bhfuil an nádúir?" deirtear nuair chídhtear easbhaidh féile nó carthannachta. "Ar an adhbhar san thug Dia iad d'ainmhianaibh gráineamhla óir d'athruigheadar a mná a ngnáthughadh nádúrdha go gnáthughadh mí-nádúrdha" (Rómh. I. 26): an tabharthas ó dhúthchas. "Óir na cine-eadhacha ag nách bhfuil an dlighe do ghníd ó nádúir na nidhthe a

bhaineas leis an dlighe, iad so ná fuil an dlighe aca atáid in a ndlighe dhóibh féin" (Rómh. II. 14): an tabharthas dúthchais. "Trí ar thug Sé dhúinn geallamhna ró-mhóra, mór-luaidh, ionnas go mbeadh tríotha so cumann agaibh ar an nádúir dhiadha, ar mbeith dhíbh ag seachnadh an truaillighe atá sa tsaoghal trí ainmhian" (II. Peadar I. 4): aicneadh: tréithe agus sár-fheabhas Dé. "Ag a rabhamair-ne uile mar an gcéadna inár gconbharsáid an allóid in ainmhianaibh na colna, ag tabhairt a tola féin don cholainn agus dos na smaointibh agus do bhíomair ó nádúir ár gcloinn na feirge, eadhon mar cách" (Ephes. II. 3): an t-anam neamh-aithrigheach, neamh-leasuighthe. "An é nách bhfuil an nádúir féin dá theagasc díbh gur nár d'fhear gruaig fhada do bheith air" (I. Cor. XI. 14): an córas atá ar nidhthibh sa tsaoghal so. Bhí an nádúir riamh ann: báidheamhail, carthanach, deagh-aigeanta. Sé a nádúir sin bheith ciúin: is dual do.

nádúrach: *a.* deagh-aigeanta, cneasta, comaoineach, dréir saoghaluighthe, dréir gnáth-nós. Duine nádúrach é sin, dhéanfadh sé aon rud ar a chumas: deagh-aigeanta: comaoineach. Nár nádúrach é agus a shuidheachán do thabhairt dom: nár mhaith uaidh é: galánta. Labhrann sé go nádúrach: gan aon iarracht do thabhairt ar úrlabhra ach fé mar chualaidh ón óige no ameasc na ndaoine: sothuigthe. Dhein sé an rud nádúrach dho féin, pósadh: rud seadh pósadh a thárluigheas i mbeatha an duine dréir a dhúthchais.

nádúrtha (**nádúrdha**)**:** *a. n-dh.* deagh-aigeanta, cneasta, gnaoidheamhail, deaghchroidheach dréir gnáth-nós; ar aiste ná bíonn baint ag teasardhain an duine leis; dearbhtha; an-chosamhail lé rud beó, dual dúthchasach; dréir mianaigh, dréir gnáth-aiste cuirp nó inntine duine. Dhéanfadh san beart nádúrtha ar éinne a bheadh i ngádhtar: beart mhaith a thiocfadh ó dheaghchroidhe. Dochtúir nádúrtha é siúd, ní ghoirteóchaidh sé thu: cneasta, caoin. Bás mío-nádúrtha do fuair sé, tuiteam le faill mhara: ná raibh dréir sean-aoise ná galair. Rud nádúrtha do leanbhaidhibh onóir do thabhairt d'athair is do mháthair. Tá cion nádúrtha aca ar a chéile: dréir na cáilidheachta is na ríog a chuir an nádúir ionnta. Dlighe nádúrtha seadh dualgas athar nó máthar dá gclainn: an ceart is an chóir chun saoirse is maireachtana. Ar an gclódh atá air níl sé 'na shláinte nádúrtha: dréir gnáth-aiste. Cuisle an-mhear aige ach rud nádúrtha aige é sin: sin mar is gnáthach léi do bheith. Is fada go raibh a chiall nádúrtha aige: an chiall dréir mar bhíonn ag an ngnáth-dhuine. Is ort atá dath nádúrtha na sláinte: an dath a fhoillsigheas sláinte mhaith. Ní nádúrtha an rud a bheith ró-chiúin i gcuideachtain: níl sé dréir gnáis ná taithighe. An inntleacht is an inchinn nádúrtha atá aige, níl aon teora leis: a saoghaluigheadh leis. Tagann gach aon rud go nádúrtha air, ní chuireann aon nath in a ndéanamh: gan duadh: tá san d'aisce aige. Níl aon rud ná go mbíonn a ghluaiseacht nádúrtha féin aige: mar ceapadh ó thúis do. "Níor thug sé ach leath-phingne don mbacach" – "nár nádúrtha an gnóth uaidh sin" (searbhas): carthanach geinte ge mianach na féile. Bí nádúrtha leis, tá easbhaidh an domhain air: lághach, cneasta. Mac neamh-nádúrtha nár chuimhnigh riamh ar a mhuinntir agus cumas aige air: gan dúthracht ná díoghrais ceana aige dhóibh: nár chóimhlíon a dhualgas. Budh mhí-nádúrtha liom feóil chapaill d'ithe: rud nách gnáthach do dhéanamh trí chol léi. Is é is nádúrtha den gclainn: is ceanamhla, is mó a dhéanfadh comaoin nó maitheas do dhuine. "Agus bhí Maois céad agus fiche bliadhain d'aois an t-am fuair sé bás; ní raibh a shúil dall ná a neart nádúrtha laguighthe" (Deut. XXXIV. 7): an neart budh dhual do. "Bhí sé ina chorp nádúrtha ar n-a chur agus éirigheann sé ina chorp spriodálta; tá corp nádúrtha ann agus corp spriodálta" (1. Cor. XV. 44): corp na cré: an corp a dhreóghas.

"Óir dá n-éisteadh éinneach leis an mbriathar agus nách ndéin sé dá réir is cosamhail é lé duine a bhíos ag breithniughadh a ghnúise nádúrtha i scáthán" (Séamas I. 23).

nádúrthacht: (**nádúrdhacht**) *b.3.* deagh-aigeantas, cneastacht, dúthracht, dréir nádúra. Tá an duine sin lán de nádúrthacht níl aon rud ná go ndéanfadh a bheadh ar a chumas ná ní eiteóchadh faic ort: cneasta, comaoineach, deaghmhaitheach. Nádúrthacht an tsaosúra go n-aibigheann na barraidhe sa bhfoghmhar: is é toisc na nádúra é. Bhris nádúrthacht ann ná raibh in aonne eile den dtreibh: ullamhacht chun maitheasa do dhéanamh d'éinne 'n-a ghábhadh.

náire: *b.4.* támáilteacht, cúthaileacht, cúlbhántacht, méineamhlacht, séimhe, ceannsacht; mothálit throm dhóighte aithris is croidhe bhrughadh de thoisc a bhraithstint do bheith cionntach nó de thoisc aon ruda a chuirfeadh crithniughadh ar an mánlacht is deighiomchar; aithis, scannail, meargódh. Faire! mo náire é, fear mór mar thu gur fearr an smithire beag san 'ná tu: cuireann sé ceann fé, mímheas agam orm féin. Mo náire is m'aithis é, an íde shalach atá tugtha agat ar do chuid leabhar: cuirir crithniughadh orm lé míothaithneamh. Is beó duine i ndiaidh a dhaoine acht ní beó é i ndiaidh an náire: is goilleamhna go mór dí-mheas agus mío-chlú do thabhairt do dhuine. Is fearr 'a Mhuire mo thruagh' ná 'a Mhuire mo náire!': is fearr do dhuine bheith cailleamhnach lé rud ná bheith fé dhí-mheas ina thaobh. "Bean óg gan náire nó gáire gan éifeacht": is leamh iad: ní taithneamhach ceachtar díobh. Tháinig náire croidhearg air nuair beireadh sa bhfoghail air: baineadh preab as is theasbáin sé go soiléir mar mhothuigh sé toisc é bheith cionntach. Fuair sé náire dhearg ó n-a raibh ón gceanntar ag féachaint nuair chlis sé ortha: bhraith sé go goilleamhnach nár chóimhlíon sé an dóchas a bhí as. "Do dhuine gan náire is fusa a ghnóth do dhéanamh": duine righin-chroicinneach ná corruigheadh eiteach ná tarcuisne é. Cuirir náire orm bheith ó aon dúthaigh leat an tslighe ghránda atáir ghod iomchar féin: goilleann do droichiomchar orm díreach mar bheinn féin cionntach. Druid isteach ameasc na ndaoine, ná bíodh aon náire ort rómpa: támáilteacht. Galar gan náire an tart: budh chuma lé duine cad a dhéanfadh sé ach é do mhúchadh. Gheóbhair náire id bheathaidh ós na daoinibh nuair raghair abhaile is a rádh gur leigis dóibh buadhachtaint ort: cuirfear mí-mheas agus táir agat ort féin leis an míoshásamh. Náire chughat, a leithéid de dhroch-rud do dhéanamh ar éinne: mí-mheas is gráin olc a bhrathfair go géar. Níor las a ghruadh san riamh lé náire tá sé chómh deiliúsach: níor bhraith sé riamh aithreachas ná doigh as aon rud do dhein sé as an slighe. Nuair cuireadh an ghadaidheacht ina leith tháinig fuar-allus tríd amach lé náire: mothálit a chionnta. Bíonn an fhírinne searbh, ach ní bhfaghann sí náire go deó: an té a labhras í ní féidir mí-mheas do chur aige air féin. Mo náire choidhche (go deó) go leigfeadh sibh an báire lé haon dream dá fheabhas iad: easonóir: dochar deagh-ainme. Mise fear beag-náire tar éis san do dhéanamh: ní bhrathaim mí-mheas ná easonóir. Dearg-náire chuige nách breágh ná féadfadh sé é féin d'iomchar: táir na ndaoine. Ní bheinn ag tabhairt náire dhom féin leat, a bhrosacháin, beir do chuid teallaireachta chun duine éigin eile: bheith im cheap magaidh id thaobh. "Agus an uair do chonnairc Maois go rabhadar na daoine tárnocht (óir do rinne Aoran lomnochta iad) mar náire dóibh ameasc daoine" (Ecs. XXXII. 25): táir. Is gnáthach fear náire éadálach: fear tamáilte, neamhdheiliúsach. Ní raibh allus ná náire air an earra do thógaint den gconntabhairt: níor bhraith sé cionntach ná tamáilte. Ní bhfaghfá focal as, tá árd-náire ag baint leis: ró-chiúin, ró-chúthail ar fad. "Is aithnid duit-se mo

scannail is mo náire is m'easonóir, atáid mo namhaide uile os do choinne" (Sailm LXIX. 19): an táir is an droichmheas a ghoilleas orm. Ná tabhair náire dom: ná bí ag rádh rud a cloisfí is nár mhaith liom. Tá gach aonnidh déanta aige nó mara bhfuil dhéanfadh, níl náire roimis ná ina dhiaidh air: aithreachas nó fonn aithrighe ins na rudaidhibh atá déanta agus a dhéanfaidh fós, níl pioc. Chailleas mo náire leis ag coimeád ceann cuinge leis an ndíolamhnach: dhearmhadas an meas budh cheart dom do bheith agam orm féin. Galar gan náire grádh nó tart ach bhuaidh an t-ocras ortha: dá mhéid. Do chreideamh d'admháilt gan eagla gan náire air bith: támáilteacht: go dána láidir os ard. Thug sé náire shaoghalta dhom os chómhair na ndaoine, ag tabhairt leas-ainmeacha orm: chuir sé déistin orm. Ní mór ná gur ghabhas tríd an dtalamh síos lé náire nuair tháinig a máthair orainn is me ag pógadh a hinghine: támáilteacht agus mothailt chionntach. Ní chuirfidh náire an scéil choidhche dhe: brathfaidh sé choidhche an cúrsa so. Tá daoine ar an saoghal is gan aon náire ionta: níl sé geinte ionta go mbeadh ceann fé ortha ná aithreachas, is cuma cad dhéanfaidís: tighearnamhail, clódhchaiseach rud d'éileamh nó do thógaint gan aon nath. "Ní náire d'éinne bochtnacht ná aois": ní gábhadh d'éinne ceann fé do bheith air ina dtaobh ní hé is bun leo. Ní haon adhbhar náire dhuit aonnidh a dheinis riamh: tá déanta go galánta agat. Droch-bhuachaill eisean, níl náire roim Dhia ná dhuine air: ní bhraitheann sé cionntach nó má bhraitheann ní ghoilleann sé air. Sin é an náire dhuit bheith dealbh tar éis do shaoghail ar a bhfuil d'airgead gabhtha tríd ladhrachaibh: cúis ceann fé: mí-mheas do bheith agat ort féin. Náire is aithis leigeant d'fhiadhaile an barra breágh coirce sin do mhúchadh is do thachtadh: cailleamhaint measa agus cáile: iomchar mío-chreideamhnach. Náire don dtigh an doras san: adhbhar mí-mheasa. Náire chughat mar chasúr, maran tú ná fuil aon mhaith ionat: mío-ádh ort. Náire chughat mar lá a iompuigh chómh holc: mío-rath ort. Náire air siúd? tá, mhuis, oiread agus bheadh ar muic: aithreachas ná ceann fé i dtaobh aonnidh bheadh déanta aige. Níor náire go dtí so é m'inghean pósta lé tuinncéir: anois a gheobham an mí-mheas is an mí-chlú. Caith dhíot an náire, bí buannamhail sa tigh: leig uait an támáilteacht is bí mar bheifeá id thigh féin.

náireach: *a.* támáilteach, cúlbhánta, scáinteach, modhamhail, mánla, mí-mheasach, aithiseach, easonórach, mí-chreideamhnach. "Is náireach an bheart don té deir go bhfásann pluma ar ghéagaibh, níl áirne dubha ná sméara ná leacain 'na ngáirdín": easonórach, táir, toisc gur bréag é. Is náireach an bóthar é sin, a shailicheacht atá sé: olc a dhóthain mí-mheas do thabhairt don dream is bun leis. Cuma náireach do theacht air siúd nuair rugadh air? nár chás do is amhlaidh do ghair sé: cuma chionntach, aithreachasamhail. Is náire an déanamh do thugabhair do, ní bhfuair sé greim ná bolgam uaibh: mí-chreideamhnach. Budh náirighe bhrathfainn rud do lorg ar mhnaoi an tighe 'ná ar fhear an tighe: is mó an mearódh dhéanfadh sé dhom aigne. Duine ró-mhaol ar fad don saoghal so é sin, is náireach leis aonnidh lorg ar iasacht ar éinne: támáilteach: faitchíosach. "Ghaibh sé pic orm" – "is náireach duit": adhbhar mí-mheasa ag cách ort: achmhusán duit. "Do chuireabhair suas altóra don nidh náireach sin, eadhon altóra do loscadh túise do Bhál" (Ier. XI. 13): déisteanach, draosta. "Tá tú líonta de náire in áit glóire, íbh-se fós agus bíodh do réamh-chroiceann leis. Iompófar scála láimhe deise an Tighearna chughat-sa agus beidh sceathrach náireach ar do ghlóir" (Hab. II. 16): déisteanach: gráineamhail. Mara mbeadh gur náireach liom é do bhualadh do dhéanfainn é, mar is é atá tuillte aige: droichmheastamhail. Cailín an-náireach lasmuigh seadh í, ní

bhíonn focal aiste: ciúin, cúlbhánta, faitchíosach í féin do chur in iúil. Bíonn na daltaidhe tuaithe náireach roim an máighistir lasmuigh: nuair bhuailid leis bíd chómh ciúin lé luich: so-eaglach. Má tá airgead aige ní airgead náireach é: fríth go macánta ionraic é.

náireachán: *f.1.* duine támáilte. Níl san chómh mór de náireachán is budh dhóigh leat dá mbeadh aonnidh cóir ar siubhal: ní bheadh sé ina bhalbán, creid me. Gheibheann an sárachán rud nuair bhíonn an náireachán folamh: bíonn an duine corraisteamhail neimh-iongtach ag dul i bhfeighil a choda faid bhíonn an duine maol ina thost. Ní bheinn im náireachán d'éinne: ní éisteóchainn lé hionsaighe uaidh.

náiridheacht: (**náireacht**) *b.3.* támáilteacht, cúthaileacht, modhamhaileacht, mánlacht; adhbhar mí-chreideamhna. Mara mbeadh a náiridheacht liom os chómhair na ndaoine d'inneósainn cuid dá bheartaibh do ná taithneóchadh go ró-bhinn leis: deigh-iomchar do choisc me: a dhéisteannaighe liom: neamhfhonn a fhoilsiughadh mar tá etc. Ní leigfeadh náiridheacht do suidheachán do lorg ameasc an tsluaigh, b'fhearr leis seasamh: cúlbhántacht: ceal dánaidheachta. Náiridheacht an domhain a bhíonn ar an leanbh roim dhaoine iasachta: cúthaileacht: ciúine agus socracht. Níor mhaith liom labhairt leis, bhí saghas náiridheachta orm mar gheall ar an bhfocal nó dhó te a bhí againn tamall roimhe sin: faitchíos nár cheart dom é: ceal meisnigh cainnte.

náirighim: *b.a. 7 n-a.* cuirim náire ar; tagann náire orm; aithisighim, tugaim mí-mheas do; cuirim déistin ar dhuine lém iomchar. Náireófá éinne a bheadh it fhochair leis an gcainnt ait, tharcuisnigh a bhíos agat, b'fhearr dho bheith na céadta mílte uait: chuirfeá bréantas, déistin air. "Do náirigheabhair comhairle an bhoicht de bhrigh gurb é an Tighearna a dhaingean" (Sailm XIV. 6): do thugabhair. Níor náirigh aon rud riamh me budh mhó earra do cheannach in áit iasachta is gan airgead agam nuair chuarduigheas mo phócaidhe: a chuir motháilt mí-mheasa agus tarcuisne agam orm féin. Náirigh sé nuair chonnaic sé me tar éis na cúlchainnte go léir a bhí déanta aige orm: luisnigh sé: d'fhoillsigh sé gur bhraith sé go raibh rud éigin mí-cheart déanta. Fág fúm-sa é do lorg, ní náireóchaidh sé mise me d'eiteach: ní chuirfidh aon mheargódh incheann orm, mairg ar bith. Naireóchadh sé thu ar fheóirling: ar an méid sin fiach dhéanfadh clampar is calán.

náiriughadh: *f.* (*-uighthe*) do thabhairt droich-mheasa, mío-onóra, aithise. Ná bí d'iarraidh me do náiriughadh os chómhair na ndaoine, ghom lochtughadh is ghom cháineadh: ghom chur fé léith mí-mheasa na ndaoine. Ghom náiriughadh féin lé bheith ag tabhairt gach re seadh do theallaire bheag mar thu: ghom ísliughadh féin: ag tarrac caoraidheachta na ndaoine orm féin. Beir ghá náiriughadh anois má bhír ag tarrac grádha anuas mar tá sí go doimhin ann agus is cailín cúthail í: bainfir luisne na cúlbhántachta innte. "Ní chun sibh-se do náiriughadh scríobhaim na nidhthe seo, acht mar mo chlainn ionmhuin theagascaim sibh" (1. Cor. IV. 14): chun dí-mheasa nó ceann fé cionntach do bheith agaibh oraibh féin.

náirighthe: *a.r.* curtha chun náire, támáilteachta; úiríslighthe. Beireadh ag goid air tá sé náirighthe go deo: caithte fé thóin cártaidhe ameasc an phobail. Táim náirighthe agat ó bheith ghom mhóradh ar an slighe neamh-thuillte seo: scáthmhaireacht tagtha orm: ní bhrathaim suaimhneasach os cómhair daoine mar gheall air. Féach air sin anois, nách mór

gur fearr é 'ná t'iarracht-sa, an bhfuilir náirighthe agam: éistighthe: coiscthe de mhaoidheamh. Tá an cuan so náirighthe chun luingis i stoirm: tá breith tugtha air ná beadh sábhálta ar ócáid mar sin.

naiscim: (**nascaim**) *b.a.* cuibhrighim, ceanglaim, daingnighim; aithnighim ar, órduighim do. Naisceas dathad uair air gan oiread agus éachtaint do thabhairt do neach ar a bhfeacaidh sé ach ní fhéadfadh sé a chlab mór d'éisteacht: d'órduigheas do. Do naisc sé an beartán chómh haindeis sin gur thuit sé as a chéile ag gabháil tríd an bpost: do cheangail. Naisceas air gan lámh ná ladhar do bheith aige in aon rud chómh suarach leis: d'athchuingheas: d'iarras go dúthrachtach air. Naisceadh na sé cinn de líontaibh dá (lé) chéile agus annsan bhí beart ionta (beart sé líon): sraith. Naisc ar an ngarsún san do bheith umhal: tá sé an-mhí-riaghalta: tabhair ordughadh dho. Naisceadh orm bheith níos dícheallaighe go rabhas ró-fhuairspreóiseach: éiligheadh go láidir orm. Naisceadh an tarbh fiadhain go daingean idir cheann is chois sa bhád ar eagla go ndéanfadh scrios: cuibhrigheadh ó thalamh é le téadánaibh. Naisctear báid sa chuas san in aimsir bhreágh: cuirtear fé ancaire. Naiscim ort teacht liom, is mithid bheith ag gluaiseacht: athchuinghim ó chroidhe ort.

naiscthe: (**nasctha**) *a.r.* ceangailte, cuibhrighthe, daingnighthe, fé oibliogáid. Scaramhaint leis ní fhéadfainn ar chamán ná ar liathróid - tá sé naiscthe orm gan a thabhairt do neach beó: ceangailte orm go dlúth: daingnighthe: curtha mar dhualgas orm. Tá sé naiscthe ar gach Caitliocaidhe Aifreann d'éisteacht gach Domhnach is lá saoire fógartha: tá sé de dhualgas ortha. Níl sé naiscthe orm cabhair do thabhairt d'éinne maran méinn liom san: de ghábhadh: d'éigean. Bhí an t-ainmhidhe bocht chómh naiscthe sin ná siubhlóchadh sé lé silimide: cuibhrighthe lé laighincidhibh. Tá sé chómh naiscthe sin ge n-a mhnaoi ná féadfadh dul in aon áit gan a cead: fé ghall-smacht. Bíodh na dóirse naiscthe agat sara dtéighir chun suain cá bhfios cad é an srathaidhe oidhche a gheóbhadh an treó: daingnighthe fé ghlas: boltálta. An bhfuil gach aon rud naiscthe i gcóir na hoidhche: daingnighthe: curtha sa tslighe go mbeidh gach rud sábhálta.

náisiún: *f.1.* buidhean mhór dhaoine in aontacht neamhspleádhach poilitidheachta fé riar árd-chomhairle riaghaltais i gcrioslach teóranta talmhan, an pór céadna, na béasa, nósa, agus teanga, cineadh, fine. Náisiún na Frainnce etc. Cogadh na náisiún ar siubhal: cuid mhór díobh ag troid. Tá an náisiún ar fad ina suidhe ar a gcosaint féin: muinntir na tíre go léir. Is fada an náisiún Gaedhealach fé ghall-smacht: cineadh Gaedheal. Tá sé ráidhte ar an náisiún Giúdach go bhfuilid an-shainnteach chun airgid: an chineadh sin.

náisiúnach: *f.1.* caonaidhe amháin de náisiún, urra tíre, duine go bhfuil gach ceart náisiúin aige trí shaoghalughadh nó eadóirseacht. Budh mhaith an náisiúnach duine é d'fhulaing sé bás go neamh-dhochmamhail ar son a thíre. Is beag náisiúnach ar fuaid an domhain ná go bhfuil lé fagháil i Mearaice: duine nó caonaidhe lé tír áirighthe.

náisiúnta: *a. n-dh.* ag baint go dlúth lé náisiún, nó a thagas uaidh, grádhmhar air, dúthchasach. Gaedhealaing ár dteanga náisiúnta: an teanga dúthchais. Tá sé ag baint leis an gcosaint náisiúnta: na dúthaighe. Ár mbratach náisiúnta. Na fiacha náisiúnta: fiacha poiblidhe an Stáit uile.

náisiúntacht: *b.3.* aiste caonaidhe trí shaoghalughadh nó eadóirsiughadh i ndúthaigh nó stát áirighthe; náisiún; tír-ghrádh. Dá mbeadh an náisiúntacht cheart ag baint leat cheannófá earraidhe na hÉireann: an spirid dhúthchais chun a curtha chun cinn. Cad is náisiúntacht duit?: cad tír gurb as duit? nó cad tír gur féidir leat ceart urra d'éileamh ann trí eadóirseacht.

námha: (**namha, namhaid**) *b.5.* duine go mbíonn gráin agus urchóid aige dá chomharsain; duine a thugas iarracht ar dhíth cháich do dhéanamh; duine a bhíos i gcoinnibh cháich chun a chlaoidhte. Na trí cáirde is fearr is na trí namhada is measa teine, gaoth is uisce. Níl aon námha ag slaghdán ach athfhuacht d'fhagháil sin é uair a bheadh agat bheith ar t'aire: níl aon rud is mó a chabhras leis 'ná é. Níl aon námha ag an dtaoide thuile ach an ghaoth adtuaidh: is mó a dheineas farraige gharbh lé n-a cabhair! [Is ait an chiall atá annso i mBéal Bán leis sin. Budh dhóigh lé duine gur námha aonnidh a bheadh choidhche in aghaidh nó ar tí, ach dréir dheallraimh gur don duine is námha iad]. Cogadh carad cao namhad: cao an dreama a bhíos ar tí cháich. Is námha an cheárd gan a foghluim: duadh is clampar trom. Níl aon námha aige ach é féin: é féin a dheineas a dhíoghbháil féin. Seachain do námha ní baoghal duit do charaid: bí aireach ar an té a bheadh ar do thí. An diabhal námha anama: atá do shíor ag faire ar a dhíth do dhéanamh. Chughat an námha: tá an té (an dream) atá ar do thí, nó gur cheart duit gan bheith rómpa, ag teacht, imthigh. Príomh-námha ár dtíre-ne Sasana: an námha is mó agus is fíochmhaire. Is namhada dá chéile iad: ní réidhtighid in ao'chor. Dá mbeadh an námha sa doras agat b'shiúd é an fear chun do chabhartha: an té (dream) a bheadh chun do dhíthe do dhéanamh. "Do rinneadh do lámh dheas, ó, a Thighearna glórmhar i gcómhacht, do bhris do lámh dheas ó, a Thighearna an námha ina blodhaibh" (Ecs. XV. 6): iad so a bhí it aghaidh. "Agus adubhairt Eastar, is é an t-eascara agus an námha an droch-dhuine-se Háman. Annsan do ghaibh eagla Háman i bhfiadhnaise an righe agus na bainríoghan" (Eastar VII. 6): an duine budh chóir do sheachaint. "Guth fuaime ón gcathraigh, guth ón dteampall. Guth an Tighearna a chúitígheas luaidheacht lé n-a namhadaibh" (Isia. LXVI. 6): a bhaineas sásamh amach. Nár bheiridh do námha i mball ná i mbeárnain choidhche ort (deaghghuidhe): go dtagair saor as gach cruadhtan. Gaoth adtuaidh is bleaist námha na bprátaidhe: an dá rud is measa amuigh chun a ndíoghbhála. Ag déanamh namhad do bheinn dá seirbheálainn éinne aca: ghá gcur im choinnibh.

namhadach: (**náimhdeach**) *a.* faltanach, aigne nó mianach namhad do bheith ag, eascáirdeamhail, gráinmhear, fíochmhar, droich-mhianaigh; malluighthe, crosta, nimhneach. Seachain tu féin ar an madra san tá sé an-namhadach - budh ghearr an mhoill air greim do bhaint asat: malluighthe: claon lé díoghbháil do dhéanamh nó le hionsaighe. Cad n-a thaobh bheith chómh namhadach leis na daoinibh?: táir an ionsaightheach: trodamhail. Ó mhaidean tá sé an-namhadach, ní féidir focal cainnte do thabhairt do ach mar thugann sé sclaimh: crosta, neamh-mín. Iasc an-namhadach ar dharudha seadh eascú fharraige: troideann go fíochmhar d'iarraidh é féin d'fhuascailt. Budh namhadaighe go mór Sasana dhúinn agus dár gcinidh ná aon dúthaigh eile: eascáirdeamhail. Leanbh an-namhadach indiugh í, ag gol 'sag béicigh ó mhaidean: crosta, do-shuaimhneasuighthe. Muinntir na háite go léir namhadach: is furaiste leó dul chun achrainn. Bítear an-namhadach sa cheanntar liom: nimhneach im choinnibh: ar a luighead cúise bítear

eascáirdeamhail liom. Tá na tíortha an-namhadach lé n-a chéile fé láthair: fonn achrainn ortha is droichmhéin aca dá chéile. Machtnuigh go maith anois agus féach arbh fhéidir leat aontughadh linn, ná bí namhadach: neamhmuinnteardha. Labhair go namhadach leis: go béal-láidir, i slighe a chuirfear in iúil do go bhfuilir dáiríre. Chuir sé cuma namhadach air féin gur dhóigh leat go mbuailfeadh gan mhoill: fíochmhar: neamhmín: crosta. Is namhadaighe ar a chéill é 'ná ar a mheisce: is neamh-mhacánta.

namhadamhail: *a.* crosta crostálta, malluighthe, fíochmhar; neamhmín, faltanach. Duine namhadamhail ná maithfeadh puinn duit: a chothóchadh olc ar feadh i bhfad. Na tíortha go han-namhadamhail lé chéile fé láthair: neamh-mhuinnteardha is gan fonn ar bith síothchána ortha. Thug sé buille fé go namhadamhail le hinntin a dhíoghbhála: go malluighthe, droch-aigeanta. Ar gach aon chor bíonn sé namhadamhail níor mhaith leis faic agat: formadamhail, fonnmhar ar do dhíth do dhéanamh. Ó aimsir úd na dlighe eatartha ní thángadar chun aon mhuinntearais, is táid an-namhadamhail lé chéile: gan deaghthoil aca dá chéile. Is beag na miúlacha ná bíonn namhadamhail: malluighthe: buailteach.

namhadamhlacht: *b.3.* droch-aigne, droich-mhianach, gráin, míothaithneamh. An namhadamhlacht atá istigh ina chroidhe sin dos gach éinne níl teóra ná cuimse leis, ní mhaithfeadh sé órdlach dhuit: droch-aigne. Lé namhadamhlacht an mhadra ní fhéadfá dul i ngoire an dorais: malluightheacht. Lé n-a namhadamhlacht ní thiocfadh sé chun aon mhuinntearais cé gur chuireas in iúil do an t-aithreachas dóighte do bhí orm: míneairidheacht: droichmhianach doshuaimhneasuighthe.

namhaideanas: (**naimhdeanas**) *f.1.* droch-aigne, eascaradas, gráin. Ní maith ná ní cóir an rud duit bheith d'iarraidh namhaideanais do dheanamh ameasc chómharsan: eascaradas: ag cur fuatha aca dá chéile: ag adhnadh gráine. Níl, buidheach 'o Dhia, namhaideanas im chroidhe d'éinne: fuath ná gráin.

naoi: *b.4.* (**nae**) nadhbhóg, bád. "Cuas na nae", ainm calaidh.

naoi: (**nae**) nuimhreach. Dá mhéid an méala é ní bheidh ann ach cómhrádh naoi lá: ar nós an uile rud eile déanfar dearmhad air. Naoi n-iomairidhe agus naoi dtonnta amach (scéal). D'íosfadh sé naoi n-uaire ist ló: síor-ithe. Cárta go mbeadh naoi mbaill ann, naoi an hart. Na naoi mbéithe: clann inghean (baindéithe). "Naoi gcapaill, naoi n-uaire, naoi n-ualaighe sa ló/ ar thuistiún an t-ualach cad chosain an mhóin?"

naoidhe: *f.4.* báb, bunóc, díoghal, naoidheanán, ara, duine. Gan rud do dhiúltadh ar naoidhe na truaighe: an té go fírinneach gur thruagh é. Dá mbudh me thu ní thabharfainn faic do, mar nách aon naoidhe truaighe éinne go bhfuil a dhóthain aige féin: díol: an rud a chorruigheas an mhothóilt ionainn. Naoidhe déirce é, tá ocras air agus gan luid den éadach: díol: caonaidhe atá in easnamh cabhartha go cruaidh. "Anois éirigh agus buail Amalec agus léirscrios gach uile nidh dá bhfuil aca agus ná coigil iad, acht mairbh an bhean agus a fear, agus an leanbh agus naoidhe na cíche, damh is caora, camall is asal" (1. Sam. XV. 3): an bhunóc ag deól a máthar.

naoidhean: *f.1.* leanbh óg, bábóg. Ní haon naoidhean anois thu: budh chóir gur cheart duit a fhios do bheith agat cad do bheadh agat ghá dhéanamh. Choidhche beir id naoidhean: ní chaithfir uait slighte leanbaidhe. "Agus an uair d'oscail sí í do chonnaic sí an leanbh, agus féach do ghoil an naoidhean etc." (Ecs II. 6): an bhunóc. An rud atá déanta agat ní dhéanfadh naoidhean é: rud gan fuaimeant gan éifeacht. Tabhair déanamh naoidhin do, mar ná fuil go maith (searbhas): friothál mar dhéanfá ar leanbh beag lag mí-threórach. Ó bhí sí ina naoidhin níor chorruigh sí deich míle ó n-a paróiste dúthchais go dtí go raibh sí tonn-aosta: ina gearrchaile óg.

naoidheanán: *f.1.* leanbh óg. Maran tú an naoidheanán agam an bainne do dhortadh ort féin (searbhas): díreach mar dhéanfadh leinbhín gan chiall. Ar aon rud a chuireann sé roimis do dhéanamh níl ann ach naoidheanán: ar nós an leinbh do chuireann sé chuige. Scata naoidheanán ar fuaid an tighe ná deaghaidh ar scoil fós: leanbhaidhe óga. Chómh lag le naoidheanán connus, fiafruighim díot, a dhéanfadh sé obair: gan thar neart leinbh ann.

naoidheanda: *a.n-dh.* saonta, neamh-urchóideach, séimh, óigíneach, ar nós an leinbh. Cé dhéarfadh ar an gcuma naoidheanda atá uirthi go mbeadh sí chómh béal-láidir: saonta: saor ó dheallramh an uilc. Labhair sí chómh naoidheanda lé mnaoi riaghalta: séimh, scáthmhar. Aon lá aoise níor dhóigh leat go mbeadh ag dul air, cuma chómh naoidheanda air is bhí deich mbliadhna ó shoin: óigíneach: friseáilte. Cailín naoidheanda meastamhail uirthi féin: séimh, lághach, mín. Nách naoidheanda a mheasair dom do bheith go scarfainn lé rud chómh luachmhar: ar neamh-nidh airgid: leanbaidhe: soi-mheallta.

naoidheantacht: *b.3.* leanbaidheacht, fíor-thúis na hóige; saontacht; séimhe iomchair is béas; réadh-chúiseacht. Id naoidheantacht a bhís an uair úd, ní fada bhír ar an saoghal connus a chuimhneófá air?: túis leanbaidheachta. Tá naoidheantacht an domhain air, dar leat, is fearr atá fios a phaidreacha aige 'ná mar is dóigh leat: saontacht: ceal gliocais. D'fhear mhór, láidir, eólgaiseach tá naoidheantacht ag baint leis a thaithneóchadh leat: séimhe agus buige: cneastacht: taithneamhacht slighe budh bhreágh leat. Ní deacair an bob do bhualadh air lé n-a naoidheantacht: ceal ceilge ná calaoise. Naoidheantacht an leinbh ina cuid cainnte nuair labhair sí: gan aon iarracht ar bheith doimhin ná crosta, ná móiréiseach.

naomh: *a.* ag baint lé Dia is leis na naomhaibh, naomhtha, fé mhór-mheas, cádhais, an-bheannuighthe. Creidim san Spioraid Naomh: an phearsa den Trionóid ró-naomhtha a thúirling ar na haspalaibh.

naomh: *f.1.* duine go mbíonn ard-chéim fachta aige trí chráibhtheacht, chádhas is creideamh; duine de chuallacht bheannuighthe neimhe. Duine a aithnigheann an eaglais chríostaidhe agus a thugas cádhas do go mbíonn neamh triallta ge n-a anam dréir a thuairme trí naomhthacht is bheannuightheacht a bheatha a fhóghnamh do chreideamh nó dréir aiste a bháis etc. etc. "Ní beannuighthe naomh ná naomh eile": dá fheabhas duine gheóbhfí duine chómh maith leis chun a anama do shaothrughadh: duine aca chómh maith leis an nduine eile. In árus na naomh go raibh t'anam: ar neamh. An naomh is beannuighthe is é fear na foidhne é: an fear foidhneach naomh ceart é. Naomh Pádraig,

Naomh Brighid, Naomh Séamas, etc. Má tá naomh in aon áit is é é: duine mín, macánta. Na naoimh: na fíréin a fuair bás ar stáid na ngrást agus a creidtear do bheith i bhfochair Dé ar neamh. Chuirfeadh sé fearg ar naomh, gan aon stad ar a theangain ach ag cnáimhseán: ar an té is foidhnighe a bheadh. Creidim i gcomaoine na naomh: i ndlúthchoidreamh na bhfíréan. Naomh ar a dhá chois seadh é: fíréan fíor-mhacánta.

naomh-: *i gcfbh.* beannuighthe, cádhach. Ná tóg naomh-ainm Dé gan adhbhar: ainm gur ceart urraim is ómós do thabhairt di. Naomh-mhaighdean na maighdean: is glaine agus is glé díobh go léir riamh is choidhche. Ár naomh-athair, an Pápa: róbheannuighthe, go bhfuil céim árd cráibhtheachta aige. A naomh-Mhuire, a neamh-mháthair Dé: muire a's máthair rónaomhtha, róchádhach. B'é an naomh-thoil é d'fhagháil bháis: toil Dé. Mo ghuidhe go bhfaghad naomh-bhás: bás ar stáid na ngrást gan pian gan diachair. An naomh-chorp: corp Chríost. Ár naomh-eaglais Chaitliocaidhe: an eaglais róbheannuighthe, róchádhach. Naomh-ghnás seadh dul chun faoisdine agus comaoine go mion minic: fíor-chráibhtheach.

naomhóg: (**nadhbhóg**) *b.2.* curachán. Árus déanta d'adhmad agus d'anairt go mbíonn tarradh curtha fé chun é bheith díon-uisce.

naomhtha: *a. n-dh.* cráibhtheach, diamhóideach, beannuighthe. Dá mbeifeá chómh naomhtha leis an bPápa tá cladhaireacht ionat: d'aindeóin t'fhoillsiughadh cráibhtheachta is diamhóideachta tá lúbaireacht ionat. Beir naomhtha ar a bhfuil de phaidreacha ráidhte agat: beannuighthe.

naomhthacht: *b.3.* glaine na beatha, cráibhtheacht, diamhóideacht; beannuightheacht. Ní ceart duit do bheith ag gáiridhe i dtigh Dé cuimhnigh ar naomhthacht na háite: mór-bheannuightheacht. Má chuaidh éinne riamh ar neamh chuaidh súd ann má dheineann naomhthacht an bheart: cráibhtheacht is saoghal glan, macánta, ionraic.

naomhuighim: *b.a.* déinim naomh de, beannuighim, déinim naomhtha. Ar a bhfuil de ghuidheannaibh agat dom naomhóchair me: déanfair duine diadha dhíom. Naomhuigheadh é mar gheall ar an mbeatha chráibhtheach do chaith sé agus na deagh-oibreacha do dhein sé ar son an chreidimh: an eaglais do chur a ainme ar fhéile na naomh agus fógrann gur cóir cádhas do thabhairt do agus athchuinghe ar a chabhair. An lá a rugadh é naomhuigheadh é má naomhuigheadh éinne riamh: deineadh duine beannuighthe dhe.

naoscach: *f.1.* éan dubh-dhonn go ngob fada a ghnáthuigheas corraidhthe, riasca is talmha fliuch, eiteall ait sall sanall aige. "Lé fuacht gur theich an naoscach ó bhur gCnuicín garbh-fhraoigh" (amhrán): áit an-fhuar é gan amhras. Is é an diabhal féin é, lé fuacht ní mhairfeadh an naoscach féin ann. É sin, ní chuireann aon tsín air, tá sé ar nós an naoscaigh: chómh folláin leis: fuilngtheach ar fhuacht is fliuchán. "Ní chothóchadh sé an naoscach féin", ag tagairt do dhrochthalamh fliuch fuar.

naoscaire: *f.4.* fuairthé, scraiste, fánaidhe. Cúram ná gnóth ní dheineann ach ag imtheacht ina naoscaire ó bhaile go baile: duine fuar, díomhaoin, leisceamhail. Cá bhfuil na naoscairidhe seo ag dul?: fánaidhthe díomhaoine.

naoscaireacht: *b.3.* díomhaointeas, fánaidheacht, feamghail, faoibínteacht. Naoscaireacht an diabhail atá ort tímcheall an bhaill seo ná raghfá abhaile agus rud éigin do dhéanamh duit féin: faoibínteacht: gabháil tímcheall gan gnóth gan cúram: feamghail. Caitheann sé an lá ag naoscaireacht ó thig tig, ó bhaile baile: ag gabháil thart go díomhaoin gan mairg sa tsaoghal air.

nár: *a.* náireach, aithiseach, támáilte, modhamhail, uasal, cuibheas. "Ní nár duit do bheith ag maoidheamh as do ghníomharthaibh, in ainm Dé, cad dheinis riamh?" (searbhas): ní gábhadh dhuit ceann fé ná dí-mheas do bheith agat ort féin. "Ar a dhícheall d'iarraidh na háite do ghnóthughadh, is tá obair aige" – "ní nár don nduine sin": ní locht air é: ní rud é gur gábhadh dho faitchíos na ndaoine do bheith ina thaobh air. Is nár liom anois nuair do thuigim me féin ina cheart gur eitigheas fear galánta mar é: cuireann sé ceann fé orm agam féin. "Raghaidh sé go Corcaigh ar feadh mí ar saoire" – "ní nár do é, tá an oiread san airgid aige" (searbhas): ní misde dho: ní cosamhail in ao'chor é. "Gura maith agat, a chara" – "nár na maith, a chara": maith nách fiú a háireamh í. "Ceannóchad gluaisteán" – "ní nár duit!" (searbhas): ní nách iongadh. (Ní bhíonn an gustal ann chun a cheannuighthe). Budh nár an mhaise dhuit cliseadh ar an té a luigh leat in am t'éigin: míothaithneamhach, déistineach, neamhmheastamhail. An nár leat rud do thógaint ó dhuine bhocht mar mise?: an lag, úiríseal leat é? Ní nár dá mhuinntir é: budh cheart dóibh do bheith mórdhálach as. Ní don té a chaith amach me budh nár ach dómh-sa a chuaidh isteach chuige: is mór gur tarcuisnighe dómh-sa é.

nasc: *f.1.* cuibhreach, ceangal, daingniughadh, bóna, slabhradh, fáinne; banna, caitheamh. Lámh ná ladhar, gníomh ná focal ní féidir liom gem mhnaoi, táim ar nasc aice: "ar adhastar", fé n-a smacht go hiomlán. Beidh sé fé nasc ar feadh deich mbliadhan, sin í breith do tugadh air: i mbraighdeanas. Cuir nasc ar do mhadra, tá sé malluighthe agus béarfaidh ar dhuine éigin: slabhradh cuibhrigh. Chuir na gárda nasc air: feighre fáinnidhe iarainn so-oscailte, so-dhúnta ar shlabhradh nó barra chun lámh. Tá sé de nasc orm biadh do thabhairt dos na daoinibh seo ar an áirighthe sin, sin é mo mhargadh leó: banna: caitheamh: is éigean dom a dhéanamh. "Ní mise adubhairt aon rud id choinnibh" – "maran tu is é do dhreatháir mar sin, ní fada an nasc ón adhairc": tá dlúthbhaint agaibh le chéile. Ní fada ón abhainn seasamh ar a bruach: an uair is péacuighthe a bhíos duine b'fhéidir gur giorra dá smachtughadh é. Is amhlaidh mar atá aca anois 'sis bocht an toisc aca é, an nasc leis an adhairc is an taos leis an oighean: an saoghal ag breith an-dhian, an-chruaidh ortha. Cad é an mhaith dhom an séidhteán so nuair ná fuil aon nasc ag dul leis: an chuid a chuibhrigheas é leis an áit go mbítear ag cur na gaoithe. Is fada ar nasc gen ndiabhal é: é fé n-a smacht: ag déanamh a thola. Mara mbeadh droch-nasc do bheith ar an ndubhán ní scaoilfeadh sé: droch-chuibhreach: droichsheirbheáil.

nascach: *f.* (*-ctha*) (do) cheangal, (do) chuibhreach, (do) dhaingniughadh; caitheamh, banna; cuing, dualgas, connradh. Táthar d'iarraidh a nascach orm gan baint do bheith agam lé complacht áirighthe poilitidheachta: a ghreamughadh orm 'n-a gheallamhaint

uaim. Amadán seadh thu bheith ghod nascach féin go mbeifeá freagarthach i bhfiachaibh mic chómh scléipeach, caithteach leis sin: urradhas do thabhairt. Lém thoil mheanmnaigh atá so dhá dhéanamh agam, níl aon nascach orm: oibliogáid. Dá mbeadh an nascach ceart ar an snaidhm ní scaoilfeadh sí: an ceangal, cuibhreach: seiribheáil: greamughadh. Ag nascach na mbó sa tuar ar eagla foghlach: ag cur ceangal fútha. Tá nascach ag an eaglais orainn dul chun comaoine uair sa mbliadhain: dualgas: caitheamh.

nascaireacht: *b.3.* ceangal; daingniughadh, deimhniughadh, cuibhreach. Ag nascaireacht orm de ló is d'oidhche so is súd is súd is so do dhéanamh do: ghá cheangal orm: d'iarraidh a ghreamughadh orm. Ag nascaireacht san iothlainn: ag ceangal is ag feistiughadh in aghaidh gála. Ag nascaireacht ar a chéile gan a gcómh-rún do leigeant lé héinne: ag iarraidh agus ag tabhairt geallamhna dá chéile.

nascuighthe: *a.r.* ceangailte, cuibhrighthe, daingnighthe, go doimhin. Chómh nascuighthe anois lé téadánaibh ná féadfadh cor do chur de láimh ná de chois: cuibhrighthe, greamuighthe. Gach aon mháille den mbád chómh nascuighthe sin gur dheacair í do shuathadh: greamuighthe, daingnighthe. Ó phósas táim nascuighthe lém shaoghal, cead mo chos níl agam mar bhíodh: greamuighthe: mo shaoirse sciotuighthe dhíom. Tá sé nascuighthe orainn Dia d'adhradh: greamuighthe: órduighthe dhúinn gur b'éigean a dhéanamh dár slánughadh. Cuid aca ná raibh nascuighthe go leór sa chreideamh d'athruigheadar: doimhin, daingean ann. Bíodh an beartán san nascuighthe go maith, béarfaidh suaineáil air mar tá sé ag dul i bhfad: ceangailte, greamuighthe, fáiscighthe.

nath: *f.3.* rádh, seanfhocal, gnáthfhocal; áird, aire, spéis, ceann; duadh. "Cad tá aice dhá dhéanamh?" ag tagairt don té go labhartar leis, "ní nách iongadh san", le pé rud a déarfí. "Nára ghabhaidh siar aniar", le duine nuair bhíonn sé ag ól a dhighe. Sin nathanna: béarlagar nó canamhaintidhe chun breis datha do chur ar an gcainnt. Ní dhéinim aon nath d'aon rud a déarfadh an fear céadna, mar ní lugha an fhírinne 'ná an t-éitheach: ní thógaim aon cheann de: ní chuirim aon áird air. An bhfuil aon nath agat i mbreac úr, má tá, tóg na scadáin sin: aon éileamh 'n-a ndiaidh, dúil. An nath leat me do shuidhe in aice leat?: an misde leat: an bhfuil aon chol agat? Níor leath-nath liom: ní chuirfinn a leath-oiread nath: éileamh do bheith ag buachaill óg ach mo chrúnca seanduine go bhfuil cos leis san uaigh agus an chos eile ar a bruach: ní thógfainn leathcheann de; ní chuirfinn an oiread spéise lé hiongadh ann. Nathanna an domhain eile atá aige: gnáthráidhte a bhaineas leis féin. "Leaghadh Dia orm", "nár chuiridh ceann annsan (a hata) ach marbh!" nathanna a bhíonn do shíor 'n-a bhéal. Thug sé an ghalántacht leis, ní haon nath aige scilling do chaitheamh chómh maith lé fear: dochma: ní chuimhneóchadh an dara huair air. Lúthmhar, ceólmhar níor mhór an nath aige smut de bhóthar do chur de: gan duadh: gan goilleamhaint puinn ar a neart ná a anál. "Tá do phíp briste agam, is oth liom é" – "ná déin aon nath de san": ná tóg ceann de: ná déin tábhacht de: ná cuireadh aon mhearbhall ort. Ní haon nath deoch nó dhó ach gan dul tharais sin: tábhacht: rud nách fiú machtnamh air. "An dóigh leat go bhfoghlumófá rud chómh deacair sin?" – "níor bh'aon nath agam é": go bog, gan aon duadh. Cuireadh an-nath san rith plúir sin nuair tháinig sé amach ar dtúis, bhíodh gach éinne ghá thástáil: suim mhór: bhí caoraidheacht na ndaoine air. Fear mór nathanna seadh é: gnáthráidhte mar, "dar an leabhar breac so", "ar mh'anam is ar mo

chorp", "bás go bhfaghad maran fíor é", "nár fheicead Dia" etc. Duine sochma ná cuireann nath in aon rud: gur cuma leis. Is é do chuir sé de nath ionam beannughadh: suim. Níor bh'aon nath aige sin dul ag cainnt leis an bPápa: mairg: ní tuigfí dho ná gur mhar a chéile é agus labhairt le gnáth-dhuine. Caithfear nath do chur sa chogadh so, rogha sinn do bheith ann nó as, mar goilleann sé orainn i dtaobh earraidhe: caithfear suim do chur ann chun ár gcosanta ar ghorta. I ngrádh go trom bhí sé léi, ach ní raibh aon nath aice ann: níor thug sí comh-chumann do. Nath mór aige sin tusa, do shíor ghod moladh is ag labhairt ort: táir go tábhachtach aige: is mór mar is maith leis do bhail. Ní cainnteóir maith in ao'chor é, níl aige ach nathanna: canamhaintidhe gearra nascuighthe aighnis gan faic as a stuaim féin. Is ait an nath iascaire do bhreith dhó nó trí chlochaibh glasa leis ag dul ag iascach do: béas aisteach.

nathach: *a.* ag baint le nath nó lé béarlagar; suimeamhail, spéiseamhail. Cainnt nathach tímcheall na háite seo, "dar an leabhar breac so": maigeamhail: an méid sin curtha leis chun neartuighthe na cainnte. Nílir leath-nathach id chuid oibre is mar budh cheart duit, ní thugair an oiread aire dhi agus budh cheart duit: spéiseamhail. Táim árd-nathach san bhfear san, is mian liom é féin agus a chúram go maith: suim is tábhacht agam ann. Tá an dúthracht 'san dícheallacht ag trághadh ann, níl sé leath chómh nathach in amhránaidheacht agus bhíodh sé: ní chuireann sé leath spéise innti. Duine an-neamh-nathach seadh thu, is cuma cad déarfainn leat do dhéanamh, ní thógann tú id chluasaibh é nó neachtreacha: is cuma leat connus dhéinir: neamhspéiseamhail, neamh-imshníomhach.

nathair: *b.5.* (*-thrach*) ainmhidhe a ionshnámhas ar a bholg mar airc, go nguinidhe, ilphiast; duine glic. Tá teanga nathrach nimhe aice: cainnt ghéar, íogair, gheárrthach. Nathair nimhe ceart é sin, ní chosnóchadh do dhícheall tú féin air: duine glic, cealgach, fealltamhail. "Anois do bhí an nathair nimhe ní budh chealgaighe 'ná aon bheithidheach sa mhachaire dá ndeárna an tighearna Dia, agus dubhairt sé leis an mnaoi, an eadh, an ndubhairt Dia 'ní íostí de gach crann sa ngáirdín'" (Gen. III. 1): an diabhal i bhfoirm athrach. "Do ghéaruigheadar a dteanga amhail nathair nimhe. Tá nimh nathaireach 'n-a mbéal" (Sailm CXL. 3): go borb, fíochmhar. "Féach, cuirim-se sibh mar chaoire ameasc madraidhe allta, ar an adhbhar san bídh glic mar na nathracha nimhe agus neamh-urchóideach mar na colma" (Matha X. 16): cliste chun sibh féin do chosaint agus éascaidh chun ionnsaighthe. "Agus do teilgeadh amach an dragún mór, an tsean-nathair naimhe, dá ngoirtear an diabhal" (Taisb. XII. 9): an té budh mheasa agus budh dhiablaidhe dhíobh uile.

nathaire: *f.4.* gearr-aighneasaidhe, duine a bhíos d'iarraidh a bheith deisbhéalach, deiliúsaidhe. Bheadh sé ag cainnt i rith a shaoghail is ní bheadh a fhios agat cad bheadh ar siubhal ag an nathaire: duine a labhras go hárd-fhocalach, mór-fhocalach. Aon tsuim ní chuirim i nathaire mar thusa a bhíos d'iarraidh deismireacht do chur ar a chuid cainnte. Nathaire gur cuma lé héinne mar gheall ar a ghearr-aighneas: deismireacht focal ar siubhal aige. Nathaire beag gan puinn éifeachta leis: a bhíos ceanamhail ar bheith ag aithris ar dhaoinibh agus ag raideadh sean-choraidhe cainnte atá chómh haosta leis an gceódh. Éist, a nathaire, is ná bí deiliúsach, bíodh fios do bhéas agat: duine a bhíos ag aithris ort, ag tabhairt gach re seadh dhuit nó a bhíos d'iarraidh do bheith deisbhéalach: gearr-aighneasaidhe.

nathaireacht: *b.3.* ag tabhairt gach re seadh, gearr- nó grod-aighneas, deiliús, clódhchas, deisbhéalaidheacht, gliogairnéis. Nuair thosnuigheadar ag cainnt go ciúin, íseal lé chéile chromamair-ne ar nathaireacht ós árd chun iad do chur amugha: cainnt gan éifeacht ach a raibh de ghleódh aice. Cogar so dhom agus chuimhnigh air seo anois ná bruicfinn-se lé haon nathaireacht uait, ach cainnt shíbhialta: gach re seadh, táthaireacht, deiliús. Is fada ó bheith 'n-a chainnteóir mhaith é, níl ann ach nathaireacht: duine ná fuil faic as a stuaim féin ach mórán: sean-tagartha is sean-ráidhte.

nathannach: *a.* go flúirseach fé nathannaibh nó gnáthráidhtibh deiliúsach. Dá labharfá go nádúrdha asat féin is gan bheith chómh nathannach bheifeá i bhfad níos fearr: ag baint áise as choraidhibh cainnte atá coitcheann. B'fhearrde thu gan bheith chómh nathannach ag déanamh aithrise ar dhaoinibh: chómh deiliúsach. Labhair go mín ná bí garbh, nathannach: grod-aighneasach.

neach: *f.1.* caonaidhe, daon, duine, duine féin, duine in ao'chor. "An raibh mórán daoine eile ann seachas tusa?" – "neach beo": aon duine in ao'chor. Níor mhaith liom píp do lorg ar neach le n-ól ná níor mhaith liom mo phíp do thabhairt do neach: duine ar bith, éinne a mhaireas. Ar neach féin a bhíonn san, airgead do choigilt nó do chaitheamh: toil dhuine féin. Níl neach sa tsaoghal go bhfuil gráin agam air: oiread agus duine. Ní raibh neach dá gclainn do b'fhearr liom 'ná é: ball amháin. Is báidheamhail gach neach lé n-a bhaile dúthchais: gach éinne. Ní tháinig neach díobh: éinne de dhream áirighthe. Neach eile ní bhfaghadh é seo uaim-se, sin é meas atá agam ort: duine ar bith. Neach fir ná mná d'ólfadh é níor bh'fhearrde choidhche é: aon duine in aon chor. Ní lé neach é sin: duine ar bith. Neach dár mbaile-ne ní raibh láithreach: duine amháin. Dá mbeadh neach in aonfheacht liom: caonaidhe amháin. Is ait an neach tú uaireannta, ní dhéanfadh an saoghal mór teidhmint ort: caonaidhe: duine. Ní raibh neach beó ná marbh ann: daon in ao'chor.

neachtar: *for-ainm n.dh.* ní ceann de dhís. Ní thógfad neachtar díobh, is cuma liom cá tafant a dhéanfair orm: aon cheann amháin den dís. "An raibh Seán ná Séamas ann?" – "neachtar": éinne amháin den mbeirt. "An fíon nó beathuisce ólfair?" – "neachtar": aon cheann aca ní thógfad.

neachtreaca: *d-bh.* nó mara, nó a mhalairt. Téighir ar scoil neachtreaca gheóbhair do smísteáil: nó mara dtéighir. Mara ndéinir mar deirim suidh, neachtreaca téighir abhaile: sin é an mhalairt atá lé déanamh. Oibriughadh cruaidh (nó) neachtreaca bata is bóthar: do rogha do bheith agat: péaca b'fhearr le duine. Tiocfaidh sé indiugh neachtreaca ambáireach: ambáireach de rogha nó d'éigean. Má gheibhim cabhair leanfad de neachtreaca éireóchad as: gan cabhair ní leanfad. Sagart dob eadh é (nó) neachtreaca bráthair.

nead: *b.2.* tógáil a ghníos éan do féin chun uibhe do bhreith, do goradh agus geárrcaigh do thabhairt ar an saoghal ann; an méid (uibhe, gearrcaigh) a bhíos sa nid; áit (cómhnaidhthe) chluthair, sheascair; gnáthóg; canach girrfhiaidh, pruais mhada ruaigh, cruiceóg bheacha, etc. In am is gur éirigheas-sa ar maidin do bhís-se id nid go seascair: id

leabaidh. Tá sé in am dulta chun nide: "chun suip": chun leapan. Is aige atá an nead annsúd: áit sheascair, shubháilceach chun cómhnaidhthe. Ní fheadair sé cá ndéanfaidh sé a nead: cá gcuirfidh sé fé comhnaidhtheach. Na héanlaithe ag déanamh a nead: ag bailiughadh sopacháin chun a dtógtha. Nós ges na sean-daoinibh nead dabháin alla do chur le gearradh bheag ag sileadh fola: líontán fighte. Ní ghéillfinn dá bhoichte leigeann sé air do bheith ná go bhfuil nead bradach in áit éigin aige: deascán airgid i bhfolach in áit éigin dhaingin. "Cá bhfuil sé anois?" – "mar a néann an cúirliún a nead!": ní fios (is deacair an nead san d'fhagháil). Dá mbeadh an baile trí theine d'fhanfadh sé ina nid: ag baile. Rugadh sa nid air is é ar a choimeád: ina ghnáthóig. Is deacair an girrfhiadh do chur as an nead ná bíonn sé: canachán: ní féidir an rud ná bíonn ann d'fhagháil. Tá nead déanta aca (franncaigh, luchaigh, etc.) ann: táid socair fútha ann. Tabharfaidh an t-éan fuath don nid má bítear ag dul rómhinic ina goire: séanfaidh í. Cé choill an nead?: cé thóg na huibhe nó na geárrcaigh aiste? Is olc an t-éan a shailigheas a nead féin: a bhíos droich-iomchair ina thig féin, a labhras go cáinteach nó a bhíos in aghaidh a mhuinntire féin go contrárdha. Fág an t-ubh nide: ubh a fágtar innte chun na crice do mhealladh chuiche. Bean fhiosrach mhailíseach dob eadh í a chuaidh ameasc a ban cómharsan lá le hionchas suainseáin do chlos, ach ina ionad san seadh fuair sí nead gearáin: rud ná raibh ach ina hinntin féin. "Agus adeir Íosa leis, tá fuachaisidhe ag na sionnachaibh agus neadacha ag éanlaithibh an aoir, acht níl ag Mac an Duine ann go gcuirfeadh Sé a cheann" (Matha VIII. 20): leapacha beaga. Is cuma dhuit feasta, tá do nead déanta agat: táir socair fút go seascair. "Agus do fuair mo lámh amhail nead saidhbhreas an phobail" (Isia. X. 14). Líon tighe dúthrachtach iad san gach neach ag bailiughadh chun na nide: chun an tighe do neartughadh. Gach éinne ag bailiughadh chun a nide féin: ag soláthar do féin. Oiread nead dreoilín do thigh atá aige: tig an-bheag.

neádha: *a.* nimhneach, droch-thátail. "Súgradh an chaitín leis an luichín, súgradh neádha súgradh neádha etc." (duanaire leanbh): mealltach fealltamhail urchóideach. Thug sé súil neádha orm go raibh olc innte: coimhtheach, droch-thátail.

neadaireacht: *b.3.* ag déanamh nide, ag lorg nead; ag dul chun suip, do choimeád cúthail, do sheachaint na ndaoine. Tá sé ina oidhche tá na cearca ag neadaireacht: ag dul chun suain. Is minic do shéanamair an scoil is go ndeaghamair ag neadaireacht ó ghort go gort is ó thor go tor: ar thóraidheacht nead. Ní fheicim in aon áit lé déidheannaighe an fear céadna, an amhlaidh atá sé ag neadaireacht mar gheall ar aon rud: ag dul i bhfolach ós na daoinibh. Dhein sé neadaireacht siar fén ndúthaigh i bhfad ó fhód a chortha, ar eagla go mbéarfí air: d'fhan sé árd-chúthail, árd-sheachantach. Deineann sé mórán neadaireachta ar an oileán: caitheann cuid mhaith dá shaoghal ann. An neadaireacht atá dhá dhéanamh aige sa tigh seo ní maith liom é: an gnáthughadh atá aige dhá dhéanamh air.

neadughadh: *f.* (*-uighthe*) do dhéanamh nide, do dhul chun nide, lonnughadh in áit; bualadh fé. Nuair tháinig seisean annso ar dtúis ní raibh aige ach dhó nó trí acraidhe, anois tá na mílte aige, nách mór an neadughadh é: daingniughadh san áit agus leathanughadh sealbha. Táid ag neadughadh ann: ag dul i neart maoine: ag fagháil a ngreama: ag fagháil a mbonn. Bhíomair ag neadughadh i dtóin an chuasa i gcóir na hoidhche nuair thuit an fhaill: ag cur romhainn saghas éigin córach chodlata do chur

orainn féin. Mo thuairm, mura mbeidh an buaidh aca roim theacht an gheimhridh go ndéanfaid neadughadh ann in ionad cúladh: socrughadh fútha mar a bhfuilid. San Earrach tagann éanlaithe deóranta ag neadughadh ar an inis ag déanamh áruis dóibh féin chun síolbhuighthe. Sin iad na faoilinn ó dheas ag neadughadh: ag dul chun codlata. Ag neadughadh ionam atá an slaghdán so, ní chuirfead díom ambliadhna é: ag ceangailt isteach: ag daingniughadh go cruaidh. Áit neaduighthe giofóg agus tuinncéiridhe: áit chómhnaidhthe ar feadh sealaid.

neaduighim: *b.a. 7 n-a.* déinim nead, daingnighim me féin, sealbhuighim, luighim ós íseal. Is fadó do neaduigh sí im chroidhe is gur milleadh me dá grádh: fuair sí greim daingean ann. San bhfaill fhiadhain sin seadh neaduigheann an seabhac gorm: a dheineann nead chun ubh do bhreith, do ghoradh, is gearrcach do thógáil. Ist ló seadh neaduigheann an guardal; ist oidhche a loirgeas biadh: fanann 'n-a nid chun codlata. Gabhann mórán díobh thart annso ach ní neaduigheann siad ann: ní lonnuighid: ní néid cómhnaidhe ná sos. Neaduigh annsan tu féin: cuir fút annsan agus fan ann. Neaduigheann an galar ná ruaigtear: greamuigheann go daingean. Is maith an áit gur neaduigh sí a hinghean: a phós sí í: a chuir sí i gcrích í: nó in ionad mhaith shochrach.

neaduighthe: *a.r.* socruighthe fé, lonnuighthe, greamuighthe, dulta chun nide. Táimid neaduighthe annso i gcóir na hoidhche ní féidir corruighe gen ndílinn: curtha fúinn: bailighthe lé chéile. Tá an sionnach chómh neaduighthe sa raingléis nách féidir a mhúscailt: daingnighthe: dulta i bhfolach. Ar an gcasachtaigh atá ort, a bhuachaill, tá an galar so neaduighthe ó thalamh ionat: greim daingean, diachrach fachta aige ionat.

neaic: *f. n-dh.* tairnge beag; barra-thairnge. Adhmaidín rólag é sin, neaiceanna nár mhór do, do scoiltfeadh tairngidhe taithigeacha é: rudaidhe beaga éadtroma.

néalfartach: (**néanfartach**) *b.2.* saghas plannda, baintear áis as chun leathair do leasughadh. Bíonn bruic an-dhúlmhar ann. Tá néalfartach annso agus tá bruic. Bain néalfartach chun an leathair seo do leasughadh.

néall: (**néal**) *f.1.* (freisin **neóill, niuill** etc.) scamall, ceódh, gal, treighid anbhfainne, fanntais, laige, fearg, buile, báine; léas sholais, sméideadh nó crapadh súl. Ní raibh néall theine sa tigh, leathfadh sé na cait: oiread agus sméaróid amháin ní raibh i láthair na teine. Dréir ráidhteachais ní bheidh néall sholais ges na daoinibh sa gheimhreadh seo chughainn má leanann an gannchar íle is coinnle atá ann: léas: rianán lag: oiread agus lasfadh. Níor bh'éigean dúinn oibriughadh leis an dteas, caitheamair dul ar scáth na gcrann chun fuarthain d'fhagháil, bhí sí ar an néall ghréine is teó dá dtáinig im chuimhne: spalpadh láidir, obann: tuile láidir solais is teasa. Níl aon uair do thairngtí chuige an lá bhuail an t-iasachtaidhe bob air ná go dtagadh néall feirge air, go mbíodh gach léim as a chorp aige, gur chonntabharthach bheith in aice leis: taom obann. Budh mhór an truagh go dtagann néallacha air, is subháilceach, deagh-mhaitheasach an chómharsa é: taomacha feirge nó staile nó ríog dhuthain gan bheith mar sin. Is ait an t-iasc é, is amhlaidh thagann néallacha air: taomacha nó amacha go mbeadh sé lé fagháil i líon nó lé daradha. Mo thruagh Mhuire thu, má thagann néall orm chughat, seachain thú féin orm: ríog droich-mhianaigh. Ruidín suarach, gránda, sprionnlaithe i gcuideachtain seadh é, ach uaireannta,

nuair thagann an néall air, sheasóchadh sé deoch don dtigh: nuair bhí claonadh a inntine leis. Ná labhair leis go n-imtheóchaidh an néall de, annsan b'fhéidir go bhfaghfá an nidh atá uait: an bladhm mór feirge. Tháinig néall air chun an asail bhoicht: las sé go hobann lé feirg is droich-mhianach gur chrom ar a smísteáil. Dhera, a dhuine, nuair chuala an cáinseamh aige ar an áit tháinig néall orm agus siúd chuige me: bhris ar an bhfoidhne agam is d'ionsaigheas é. Ar m'anam go bhfuil néall phósta air: fonn mór, fiadhain chuige. Is mór an néall ban í go dtéigheann sé fiche míle gach oidhche ar thuairisc cailínidhe: an fonn mío-chuibheasach do bheith 'n-a bhfochair. Capall macánta é sin, ach tagann néallacha air: amanna ná bíonn sé mar sin. Cuir díot an néall: imthigheadh an strán díot: ciúnuigh. Néall chodlata ní thuiteann orm na hoidhcheannta so lé tinneas diabhalta im chliathán: ní crapaid mo shúile. Sín thart annsan ar an dtolg, déanfaidh néall bheag maitheas duit: seal gearr codlata. Is mór an fuadar oibre atá fé, ná labharfadh sé leis na daoinibh tá sé 'n-a néall air: taom do-smachta chun oibre. As a néalltaibh a thug sé an méid sin leis: as bheith ag taidhbhreamh 'n-a shuan. Taithnigheann an néall ghorm san atá id chulaith liom: síog éadtrom den ndath san. Rud seadh é ná fuil aon eolas agam air. Tá sé fé néall fé láthair: fé cheilt: i bhfolach ar dhaoinibh, táthar dall air. Lé néall a mhairbh sé: ríog obann: ní lé n-a thoil mheanmnaigh. Tá néall ithte orm, cuirtear cruacha bídh chugham: guilm throm. Ní fuláir is mór an néall Átha Cliath atá ort is tú do bheith ag dul ann chómh minic: fonn do bheith ann. Tháinig néall farraige ortha is chuadar ar bórd luinge: fonn an bheatha san do leanamhaint. "Bhíodar go léir beagáinín baoth, ná rabhadar?" – "sin néall a bhí ionta": leagadh, claonadh, beagán den mianach san. Na néallta troma bána san lastoir is cómharthaidhe uisce iad: scamaill. Néallta geala an lae ag imtheacht is néallta dubha na hoidhche ag teannadh linn: scamaill gheala...scamaill dhubha. Tháinig speabhraoididhe is spearbaill air i néalltaibh an bháis do: sa choimheascar dorcha. Im néalltaibh do taidhbhrigheadh dom: is me im shuan. Chuirfeadh sé néall áthais orm ár sean-namhaid d'fheicsint ar lár: bheadh gach aon léim as mo chorp agam lé háthas croidhe. Nuair thagann néallacha tobac air bíonn sé oireamhnach lé ceangal: taomacha éilimh. Nuair las an splannc im thímcheall is phléasc an tóirneach níor fhan néall radhairce agam: ní rabhas i ndán aon rud d'fheicsint: splinc níor fhan agam. An oiread san cúirimidhe ag feitheamh liom gan déanamh go bhfuilim gan néall mheabhrach aca: splinc: blúire beag a bhreithneóchadh rud. Dar ndóigh éinne go mbeadh néall chéille aige ní raghadh sé ar an bhfarraige i mbáidín i stoirm atá rómhaith do luing: splinc, léas: a luighead. An bhfuil aon néall thuigseana agat, ná feiceann tú ná fuilir ghá dhéanamh i gceart?: aon bheagáinín in ao'chor. An t-aindeiseóir, tá sé fé néall ó ghoid sé an t-airgead an uair úd: náire agus aithis fachta aige.

néallach: (**néalach**) *a.* scamallach, taomanach, taodach, claon lé feirg, lé fíoch, codlatach, so-fheirge. Ní mór in ao'chor an giobadh do déanfí ortha nuair éireóchaidís chughat, dream néallach iad: so-fheirge. Iasc néallach seadh pallóga, uaireannta gheóbhfá cath (breith mhór) ortha, uaireannta go mbíonn a gceann fútha (gan fonn beartha), uaireannta eile bheidís ag dul san aer lé dúil: taodach. Bhí an oidhche ró-néallach an casán cnuic do mheabhradh sa doircheacht: scamallach. Capall maith dob eadh é dá mbeadh sé gan bheith chómh néallach ní fheadraís cathain bhuailfeadh sé nó rithfeadh leat: taomanach: claon lé rud do dhéanamh as an slighe. Duine néallach níor dhóichighde dho fanacht socair ná léimeadh as a chorp chun achrainn. Ní féidir é staonadh indiu, tá sé néallach amach 'samach chun oibre agus dícheallaidheachta: ríog obann, do-choiscthe.

Lá néallach é, bíonn sé an-the amacha: go spalpann an ghrian go láidir ar uairibh. Deoch néallach beathuisce, nuair bhíonn an iomad de caithte ag duine bíonn sé ar mire: a spriogfadh chun droichmhianaigh.

néalladóir: (**néaladóir**) *f.3.* fear fartha i mbád; duine go mbíonn a cheann san aer aige, gan aon fhéachaint roimis amach aige. Gheóbhadh an néalladóir sin fiche uair thar n-a thig féin gan é ghá thabhairt fe ndeara: duine ná bíonn aireach, dícheallach. Thug an néalladóir fé ndeara an t-iasc ar méirneáil: an farthóir.

néalladóireacht: (**néaladóireacht**) *b.3.* fairitheóireacht, dearcadh san aer, grúntáil chodlata. Eagla mo chroidhe orm go dtógfí leis anuas den gcathaoir agus isteach 'on teine nuair bhí sé ag néalladóireacht 'na haice: grúntáil tamaillínidhe beaga, sealadhacha codlata is uaineacha dúiste. Gheóbhadh san thart sa bhóthar míle uair gan tú do thabhairt fé ndeara, tugann sé leath a shaoghail ag néalladóireacht: ag féachaint san aer gan a shuim in aon rud eile. A ghnóth ar bórd luinge bheith ag néalladóireacht: ag faire an mbeadh cúrsa an áthraigh réidh ó chonntabhairt.

néallfairt: *b.2.* grúntáil chodlata, do dhéanamh suain. Am codlata ag aon gharsún beag atá ag néallfairt: ag tuiteam dá chodladh, dá aindeóin. B'fhada an néallfairt í ó gheal go geal: ón amhscarnaigh go fuinneóga an lae. Fonn néallfairte: codlata.

néallfartach: *a.* tugtha do, claon lé suan; míogarnach. Is maith an bhail ort bheith chómh néallfartach is taoi, mar dá gcloisfeá na tóirneacha úd do scannróchaidís an croidhe ionat: suanmhar. Deoch throm néallfartach seadh leann dubh seachas té: de mhianach innte suan do chur ar dhuine.

néallfartach: *b.3.* do bheith ag míogarnaigh, do dhéanamh suain. Néallfartach an domhain uile do thagann i mbrothal an tsamhraidh, chodlóchadh sé ar bholg an bhóthair: fonn suan. Ag néallfartach cois na teine is mo cheann fúm agam: duilleóga na súl ag oscailt is ag dúnadh lé codladh gach re tamall.

néallghail: (**néalghail**) *b.3.* bailiughadh scamall. Tá an spéir ag néallghail, tá athrughadh aimsire air: scamaill ag cruinneáilt go tiugh innte.

néallmhar: (**néalmhar**) *a.* scamallach, so-thógtha, réilteanach. Duine ró-néallmhar dá leithéid sin d'ionad seadh é, níor mhór do bheith árd-fhoidhneach: so-thógtha, so-fheirge. Tráthnóna dorcha néallmhar is fearr chun iascaigh mar ná bíonn an t-uisce chómh geal: scamallach. Oidhche bhreágh néallmhar go bhfeicfeá an bóthar go soiléir rómhat, gur dhóigh leat ná raibh órdlach den spéir gan réilthín. Blúire d'éadach néallmhar a cheannuigh sí chun culaithe: go raibh ádhbhar síog atharrach, lasmhar tríd.

néalltacht: (**néaltacht**) *b.3.* freang, ríog, scamallacht. Ní lá maith triomuighthe an lá indiu, tá an iomad néalltachta sa spéir gan aon dul ag an ngréin ar éirghe: tónacha troma scamall. Cuir díot an néalltacht níl neach annso go bhfuil fonn cocaidheachta air: an spreang bhuile.

neamh: *b.2.* an spéir, flaitheas, na Flathais (Flaithis), Parrthas. Anois go bhfuil a raibh uaidh aige, dar leis go bhfuil sé ar neamh: go bhfuil an oiread subháilcis is aoibhnis aige agus is féidir: sásta ar gach cuma. Tá neamh agam is bheith fágtha iad, lá ná oidhche, suaimhneas ní raibh agam 'na measc. Idir neamh is talamh, muir is grian do chuardach budh dheacair cladhaire budh mhó d'fhagháil: an domhan mór do lorg do. I neamh na naomh go raibh t'anam nuair glaodhfar ort. Budh dhóigh leat gur ó neamh do thúirliugheas (thuiteas) nuair bhuaileas chúcha isteach gan choinne: bhí gealadhram agus suathadh ortha me do theacht ina measc agus na fáiltidhe geala rómham aca. An té a órduigh neamh is talamh níor fhág sé é féin chun deiridh: an té go mbíonn riar nidhthe fé ní dhearmhadann é féin. Budh dhóigh leat ar a neamhthuisighe is thógann sé an saoghal gur ó neamh a thagann a bheatha air: is air do thagann an saoghal go breágh, bog, gan mhairg gan imshníomh. Ó neamh ní aithneóchainn thú d'fhásais an oiread san lé chúig bhliadhanaibh: aon dul ar thú d'aithneamhaint ní raibh agam. Dá mbeinn chómh dearbhtha de dhul ar neamh is táim go raibh sé ann budh shásta an duine me: brathaim lándeimhnightheach. Duine deaghmhaitheasach deaghchroidheach a dhéanfadh aon rud ó neamh anuas duit: aon rud a bheadh ar a chumas. Dá gcuirfeá ar neamh iad san, daoine neambuidheacha, b'é an buidheachas céadna dhuit é: bladh ná buidheachas ní bheadh ort aca. "...agus éanlaith a fhéadfas eiteall os chionn na talmhan i spéir soiléir neimhe" (Gen. I. 20). "Goirim-se neamh agus talamh d'fhiadhnaise [in] bhur n-aghaidh indiu go scriosfar sibh go haithghearr tríd amach as an ndúthaigh etc." (Deut. IV. 26): ar Dhia na fíréin agus a bhfuil beo ar an saoghal. Nách é an t-anchúinse é, is budh dhóigh leat ar an bhféachaint naoidheanda atá aige gur as neamh do: gur naomh ceart é. Ar an slighe a thugann sé cuid mhór dá shaoghal lé húrnaighe. Tá éileamh ar neamh aige: fonn air a anam do dhéanamh. Táim cráidhte clipighthe agat fágaim fé neamh thu: fé bhreith Dé. Stoirm air an siubhal nimhe atá fé néalltaibh neimhe: scamaill na spéarach. Cuir uaim do chuid cathuighthe, táir ag teacht idir me agus neamh: ghom mhealladh chun peacaidhe. Trí neamh a fuair sé an buaidh foghlumtha atá aige, is dócha: is é Dia a bhronn air é. "Annsan do chorruigh agus do chriothnuigh an talamh; do chorruigheadar agus do chriothnuigheadar bunáite neimhe de bhrigh go raibh fearg air sin" (2. Sam. XXII. 8). "Is é neamh mo chathaoir, agus an talamh stól mo chos; créad é an tigh a thógfas sibh dom? a deir an Tighearna nó créad é m'ionad cómhnaidhthe?" (Gníomhartha VII. 49). "Níl aon rud chun sinn do shaoradh anois ach cabhair ó neamh ar leithrigh": deirtear nuair bítear i gcruadhchás is gan súil lé fuascailt. "Agus cuirfear ó chéile uile sluagh neimhe agus crapfar na flaithis i gcionn a chéile amhail scrolla; agus tuitfidh a sluagh uile síos mar thuiteas an duille den fhíneamhain agus amhail fíge a thuiteas den gcrann fíge" (Iosai XXXIV. 4): anamacha na bhfíréan atá slánuighthe sa flaithis maidir leis na naomhaibh. "Agus is beag an uimhir a fágfar dhíbh, in ionad go rabhair mar réalta neimhe ar iomadamhlacht, de chionn nár umhluigh tu do ghuth do Thighearna Dia" (Deut. XXVIII. 62). Do cheart de ríoghacht neimhe go sealbhuighir (deaghghuidhe): d'ionad ins na flaithisibh. Rí, glóire, reanna etc. neimhe. An saghas é, dá mbeadh sé ameasc sluagh neimhe, ní fhéadfadh é féin d'iomchair: duine crosta, crostálta, droichgheamhar. Gura b'é neamh do stáitse: ins na flaithisibh go dtéighidh t'anam. Is mór mar theastuigheann bróga uaim dá seóladh aon ghaoth ó neamh a bhfiacha im threó: dá dtagadh fuascailt gan choinne orm. Tá sé chómh dubh san gur dóigh leis go dtuitfeadh neamh is talamh ar a chéile dá ndéintí conncas Shasana: go dtuitfidh gach aon rud i ngabhal a chéile. Dá

gcuirfí ar neamh thu ní fhanfá ann, féach an t-ionad breágh sochrach atá fágtha agat gan chúis gan adhbhar: duine nách féidir leis lonnughadh fé in áit ar bith.

neamh-: *i gcfhbh.* gan, de dhíth. Dá ngiorracht atá an capall agat tá cuid mhaith oibre bainte agat as, níor bhainis aon neamh-áis as: ceal áise: níor leigis do fanacht díomhaoin. Féach anois mar tá an scéal ina frais frais agat, sin é neamh-áird do thugais orm nuair bhíos ghod stiúradh: ceal aire, éisteachta, etc. Bheadh cuid mhaith déanta aige sara dtosnóchadh sé ar mhaoidheamh, duine neamh-áibhéiseach seadh é: ná cuireann lé n-a ghníomh ghá aithris. Is dóigh liom ar an slighe táir ag cainnt gur neamh-aidhm atá ort teacht: míofhonn. Is neamh-áil liom cos a chorruighe ar do shon mar nách fiú tú é: ní mian liom. Bheadh sé beó beathadhach indiu mara mbeadh an neamh-aire do fuair sé: ceal freastail cirt. Tá neamh-aiste ar an gcapall san chun ráis: níl sé ar an órdughadh ceart.

neamh-aistear: *f.1.* aimhleas is fastaoim de dheascaibh díomhaointis, dul as an slighe (bealach). Ní lé neamh-aistear do dhein sé an fhuinneóg do bhriseadh ach lé n-a thoil mheanmnaigh: ceal aire cheart do thabhairt. Bhuaileas amach ar cheann an dúna lé neamh-aistear gan mo thriall ar aon áit áirighthe: gan aidhm ar aonnidh. Leig dos na nidhthibh sin anois ná fuil ag cur isteach ort, maran ort atá an neamh-aistear agam: do dhéanamh mioscais nó tubaiste le corp díomhaointis is gan fonn a mhalairt ort. Ní haon neamh-aistear duit bualadh isteach chugainn, gheóbhair déanamh an tighe uainn: seal gan tairbhe. Cuir uait an neamh-aistear is déin rud éigin don dtigh: cuir uait bheith ag gabháil de rudaidhibh neamhthairbheacha. Pé áit go bhfuil sé ag dul níl aon neamh-aistear air, ná bíodh eagla ort: ar chúram neamh-thairbheach. Is orm bheadh an neamh-aistear teacht anois agus do thigh do ghealadh dhuit, nách breágh bog do gheibhir me: stealla-dhíomhaointeas. “Bhíodar ag súgradh lé chéile is briseadh cos garsúna aca” – “ó, cá ngeóbhadh an neamh-aistear”: teasbach díomhaointis is an ramsach. Is beag an choinne a bhí agam go bhfaghainn plúr bán, lé neamh-aistear do bhuaileas isteach agus loirgeas é: neamh-shuim, neamh-aidhm: gan a mhalairt do bheith lé déanamh agam. Má bhíonn aon neamh-aistear orm an tseachtmhain seo chughainn tabharfad cuaird ort: gan aonnidh lé déanamh agam: má bhím neamh-chúramach.

neamh-aistearach: *a.* díomhaoin go toilteanach, cleasach, scraisteamhail, aimhleasta trí díomhaointeas. Chídhfeá ar aonach is ar mhargadh, ar phósadh is ar thórramh, ar rás is ar chluiche é agus ní neamh-aistearach a dhóthain chuige: scurtha gan chúram nó a rogha aige cúram nó gnóth do bheith air beag baoghal ná gur bh’fhearr leis é sheachaint agus an tsaoráid do bheith aige. Treibh dhaoine leó féin iad so i mbun an chnuic, maireann siad go neamh-aistearach: gan puinn de dhuadh an tsaoghail do chur ortha féin. Ó, bead neamh-aistearach um thráthnóna, raghad ag iascach seal: gan aon chúram géibhineach orm. Budh neamh-aistearach an té a leag na clocha barra de chlaidhe na faille: nár chóir go bhfaghadh fé: gnóth budh thairbhighe is budh neamhdhíoghbhálaighe ’ná é. Raghaidh sé in aonfheacht linn, tá sé neamh-aistearach a dhóthain chuige: an éirim aigne sin aige ná leigfeadh má fheadfadh sé é d’aon rud teacht idir é is an nidh go mbainfeadh sé subháilceas as. Is neamh-aistearach do bheinn go deimhin is dul ar theachtaireacht duit-se anois sé míle ó bhaile!: neamhghnóthach, gan mairg mo bhaile féin.

neamh-aithrighe: *b.4.* ceal aithrighe, aindiúid, calcadh croidhe. Neamh-aithrighe le linn bháis, ceann des na bpeacaidhibh in aghaidh an Spioraid Naoimh: gan cúiteamh do dhéanamh i bpeacaidhibh nó gan brón gan aithmhéala do bheith ina dtaobh: neamh-mhotháilt croidhe-bhrughadh i dtaobh na gcortha déanta.

neamh-aithrigheach: *f.1.* duine gur neamh-áil leis sásamh, cúiteamh do thabhairt ná croidhe-bhrughadh do bheith air ina chionntaibh. D'aon rud níor ghéill sé, d'éag ina neamh-aithrigheach gan gnása ná solamhna na heaglaise: gan cúiteamh do thabhairt ina chorthaibh: ná fiú amháin brón do bheith air.

neamh-aithreach: *a.* gan aithreachas nó brón nó cathughadh i dtaobh ruda éigin mí-cheart do bheith déanta. Bhí sé níos neamh-aithrighe tar éis an mharbhtha is bheadh mara ndéanfadh ach bollóg aráin do ghoid: brón nó cathughadh croidhe. Ná bíodh aon iontaoibh agat as rud a dhéanfadh nó ná déanfadh duine neamh-aithreach mar thu: duine ná corruigheann coir a chroidhe chun bróin. Ní bhfuair sé uaim ach a raibh tuillte aige agus bead choidhche neamh-aithreach ina thaobh: gan brughadh croidhe.

neamh-aithreachas: *f.1.* ceal bróin, mairge, brughadh croidhe as chionnta. An neamh-aithreachas a bhí air tar éis a raibh d'olcas déanta aige chuirfeadh sé iongadh ort lé calcuightheacht: neamh-mhotháilt.

neamh-amhail: *a.* ag baint le, ar nós, teacht ó, cosamhail lé neamh; ró-aoibhinn; árd-shoilbhir. Is neamh-amhail atá sé ag caitheamh a bheatha ag síor-phaidireóireacht: diadha. D'éireóchadh do chroidhe ort lé háthas nuair chídhfeá áilne na háite, tá sé chómh neamh-amhail sin: fíor-sciamhamhail. Tá cuma neamh-amhail uirthi, scéimh an naoimh uirthi: shaonta: neamh-urchóideach. Saoghal neamh-amhail againn annso gach aon rud ar ár dtoil againn: soilbhir: lúthgháireach.

neamh-amhgar: *f.1.* neamh-easbhaidh; neamh-iomard; neamh-ocras. A bhuidhe mór lé Dia an neamh-amhgar a bheith againn sa deireadh, b'fhada bocht, dealbh, easbhaidheach sinn. Ar mo thoil féin atáim ar an neamh-amhgar: gan iomard sa tsaoghal orm. Is ar aon tigh a bheidh an neamh-amhgar go bhfuil an méid sin beatha ag fás chuige: neamh-ocras.

neamh-amhgrach: *a.* neamh-bhocht; neamh-easbhaidheach, sásta, neamh-ghortach. Is fada go raibh saoghal chómh neamh-amhgrach in Éirinn againn, ár ndóthain mór againn: neamh-bhocht: neamh-easbhaidheach. Duine neamh-amhgrach a thabharfadh an léine dá dhrom duit: neamh-ghortach: fial, flaitheamhail. Scaoil sé amach taoscán beathuisce go neamh-amhgrach chugham: neamh-sprionnlaithe.

neamh-anamamhail: *a.* neamh-thapaidh, mall, marbh. Mo chnámha go neamh-anamamhail indiu, tá aimsir cheódhach fliuch air: deacair do chorruighe. Cuireann tú chun oibre go neamh-anamamhail - an mbeadh aon rud déanta choidhche agat: gan tapamhlacht, gan beódhacht. Buachaill neamh-anamamhail gur mhara chéile dhuit bheith d'iarraidh é do luathughadh nó bheith ag cuimilt do mhéire de chloich: gan tapa, gan mire. Lá neamh-anamamhail dob eadh é gan boladh gaoithe ann: marbh, meirbh, múchta.

neamh-anamamhlacht: *b.3.* neamh-thapa, neambeódhacht, neamh-mire. Ar neamh-anamamhlacht mo ghéag indiu aithnighim go bhfuil atharrach aimsire air: gan iad do bheith líomhtha le corruighe: iad stangtha. Neamh-anamamhlacht an chapaill ar an mbóthar mheilfeadh sé an lá ort: gan lúth gan mire. Deoch spreagtha té imthigheann neamh-anamamhlacht léi: mairbheacht cuirp. Lé neamh-anamamhlacht an daradha is beag iasc do mharbhófá leis: mairbheach: gan chruadhacht gan éascaidheacht chun teannta. Neamh-anamamhlacht na dighe ag teacht a bhí ag gabháil tríd budh bheag leis a bhí dhá fhagháil aige: moille agus righne. Neamh-anamamhlacht an scéil sin chrádhfadh sé thu: spraideamhail, marbh, neamh-inspéise: tur, trom.

neamh-amhras: *f.1.* neamh-iontaoibh, ceal braithsteana ná raibh rud éigin i gceart nó dearbh nó seasamhach. An oiread san neamh-amhrais air go ndéanfadh aon rud as an slighe fágadh rith is riar an tsiopa mhóir ar fad aige: aon chuimhneamh go ndéanfadh ná go raibh camasghail dhá dhéanamh aige. Mara mbeadh an neamh-amhras ná tiocfá do raghainn féd dhéin: gan aon chuimhneamh beag ná mór agam go dtiocfá. An té go raibh an neamh-amhras do is é a bhuaidh: ná raibh súil ná smaoineamh ag neach go ndéanfadh. Ná bíodh aon neamh-amhras agat asat féin táir chómh maith lé cách: mí-iontaoibh.

neamh-amhrastamhail: *a.* iontaoibheamhail, muinghineach. Ní bhraithfidh sé uaidh ar feadh i bhfad é, goidimís é, ar an tslighe, ní horainne a spriocfaidh sé, tá sé neamh-amhrastamhail orainn: níl aon mhotháilt ina smaointibh go ndéanfaimís a leithéid de rud. Duine neamh-amhrastamhail: go mbeadh aigne oscailte aige ná cuirfeadh rud i leith éinne gan bheith lán-deimhnightheach de.

neamh-am: (neath-am, an fhuaim) *f.3.* am mío-thráthamhail. Mara b'é an neamh-am duit teacht go tigh éinne i midhe mhairbh na hoidhche: am gan aon deallramh. Neamh-am bídh é seo, caithfir fanacht lé n-a bheirbhiughadh anois: uain neamh-ghnáth. Beidh fáilte rómhaibh ach gan teacht ar neamh-am: ar uain ná oireamhnóchadh. Neamh-am codlata an lá: neamh-oireamhnach.

neamh-annamh: Is neamh-annamh ná bíonn sé in ár dtigh-ne an uile lá: bíonn sé ann go minic. Budh neamh-annamh dom bheith déidheannach: go minic minic do bhínn déidheannach.

néamhar: *f.1.* faitchíos, uaigneas, lagfháiseacht, sceinnideamhlacht. Bíonn néamhar orm fanamhaint im aonar ist oidhche sa tigh aonair seo: faitchíos: scáinteacht: mío-shuaimhneas. Is baoghalach liom ná fuilim rómheisneamhail ist oidhche, bíonn néamhar púcaidhe orm, agus me ar crith im chroiceann rómpa: eagla go bhfeicinn iad. Is beag duine ná go mbeadh néamhar ist oidhche air i bhfad ó dhaoinibh is é ina aonar: uaigneas: bheith móthálach ar aonaireacht is iargcúltacht na háite.

néamharach: *a.* uaigneach, aonarach, iargcúlta, faitchíosach. Chualaidh sé an anaoid ag druideam leis, is ní fhéadfadh ceann ná tóin do dhéanamh di, bhraith sé an-néamharach: faitchíosach, eaglach, mothálach ar uaigneacht na trátha is iargcúltacht na háite. Is deacair duine níos néamharaighe roim ghlórtha na hoidhche d'fhagháil 'ná í: bhainfead an fhuaim is lugha geit aiste: is faitchíosaighe: is fusa preab do bhaint aiste. Chómh néamharach san

do súd go gcodlóchadh ar uaigh duit: neamh-sceinnideach: neamhfhaitchíosach roim shluagh na marbh. Bóthar néamharach ist oidhche é, ní fuláir, i bhfad ó aon tigh, gearrtha isteach go croidhe na faille, an fharraige féd bhun is carraigeacha móra, géara, garbha id mhór-thímcheall: áit a chuirfeadh áidhbhéil croidhe ar dhuine lé n-a iargcúltacht: uaigneach, coimhtheach don aigne.

neamh-bháidh: (**neambáidh**) *b.2.* ceal ceana, leagtha lé, muinntearais. Lé neamh-bháidh duit nár iarr sé ort teacht ina ghluaiseacht: gan é do bheith mór leat. Is truagh gur bh'fhíor é agus b'fhíor gur thruagh é gur éirigh neamh-bháidh idir chuid dár ndaoinibh tar éis an iomchogaidh, is go raibh olc istigh aca dá chéile: easaontas is ceal cáirdis. Is mór an neamh-bháidh í ná tabharfadh sé rianán tobac dom, é chómh gann, is flúirse aige de: ceal leagtha, ceal léighe.

neamh-bhalbh: (**neambalbh**) *a.* ós árd, léir, neamh-ghrogamhail, tapaidh, pras, neamh-scáinteach. Dubharthas liom go neamh-bhalbh an tigh d'fhágaint chómh tapaidh agus d'iomcharóchadh mo chosa me: go soiléir, soiléasta. Bí neamh-bhalbh leis, cuir do chúrsa in iúil go láidir: ná bíodh groga ná támáilteacht ionat. D'fhreagair sé go neamh-bhalbh: go soiléir líomhtha. Á, deirim leat é go bhfuil an teanga go neamh-bhalbh aige nách fada an mhoill air cómhrádh do mhúscailt: pras, aibidh.

neamh-bhaoghal: (**neambaoghal**) *f.1.* daingneacht, neamh-chonntabhairt. Ní lé meisneach a rinne sé é ach an neamh-bhaoghal a bhí ann a spriog é: ceal conntabhairte. Lá aoibhinn farraige é, is neamh-bhaoghal ann, éinne a thabharfadh a luighead aire do féin: gan aon chonntabhairt báidhte.

neamh-bhaoghalach: (**neambaoghalach**) *a.* neamh-chonntabharthach, macánta. Tarbh neamh-bhaoghalach é sin má tá púic is daibhce féin air níor phéac sé éinne riamh: gan conntabhairt ionnsaighthe. Neamh-bhaoghalach go leór a bhí sé air é do dhéanamh: ní mór dá dhuadh a fuair sé. Bainne an deoch is neamh-bhaoghalaighe ag dul i ngoile duine: is lugha a dhéanfadh díoghbháil nó gur cheart eagla bheith roimpe. "Ná bíodh aon eagla ort rómham-sa, a leinbh, duine neamh-bhaoghalach mise dhuit: gan chonntabhairt.

neamh-bhríoghmhar: (**neambríoghmhar**) *a.* gan neart, fuinneamh, speach, suiméar. Is neamh-bhríoghmhar an lasca a thug sé don bpeil níor chuir sé deich slata ó bhaile í: gan fuinneamh. Aon bhuille liom ní dheaghaidh i luighe gaibhte air, bhíodar chomh neamh-bhríoghmhar san: gan aon neart leó. Deoch neamh-bhríoghmhar té ró-lag: ná bíodhgann duine. Beagán suime do cuireadh im chuid cainnte bhí mo bhréithre neamh-bhríoghmhar: gan fuinneamh ná fuaimeant leó chun na ndaoine do spreagadh.

neamh-bheó: (**neambeó**) *a.* gan anam, gan beatha, marbh. Brathaim chómh neamh-bheó indiu, mo chnámha trom, tinn is me ag tuiteam dom chodladh nách mór: neamh-anamamhail. Ní mór mo mhuinghin as go dtéarnóchaidh sé, ní raibh sé chómh neamh-bheó ó bhuail an galar is tá sé anois: gan corruighe ann go raibh puinn nirt ann. Tá an namhaid ar an dá thaobh neamh-bheó le laetheantaibh anois, gan aon urchar eatartha, sos roim throid is dócha: neamhghníomhach: spaideamhail. Iascaireacht neamh-bheó í seo ní bhfaghaim oiread agus priocadh: fadálach, liosta, tuirseamhail toisc a moille: leadránach.

neamh-bhlas: (**neamblas**) *f.1. 7 3.* ceal blasa cirt dual don rud; leamh-bhlas. Gheibhim neamh-bhlas air seo nách gnáth do: blas nách dual do. Ith é, agus ith go tapaidh é, agus bí buidheach é do bheith agat, níl aon neamh-bhlas air: blas mío-thaithneamhach. Ceal a dhóthana salainn atá ag teacht leis an iasc so go bhfuil an neamh-bhlas air: ná fuil a bhlas nádúrtha air. Fuair sé neamh-bhlas ar mo chuid cainnte, níor thaithnigh leis me d'innsint na fírinne do: míoshástacht: míothaithneamh.

neamh-bhlasta: (**neamblasta**) *a. n-dh.* leamh, neamh-maiseach, neamh-shnasta. Is tú an té is neamh-bhlasta ag léigheamh a chuala riamh: gan snas ná líomhthacht ann: ní chuireann taithneamh orm bheith ag éisteacht leat. Feóil neamh-bhlasta atá rófhada bruithte í: nách taithneamhach don charball. Is neamh-bhlasta leis mar dhéinim aonnidh, ní shásóchadh mo dhícheall é: neamh-thaithneamhach.

neamh-bhlastacht: (**neamblastacht**) *b.3.* leimhe, motháilt neamh-shásamhach teangan is carbaill; neamh-thaithneamhacht, neamhshásamhacht. Neamh-bhlastacht mo chuid oibre budh bhun lé me do bhriseadh, ní bhíodh an ceann sásta léi: neamh-shásamhacht: ceal slachta. Bhí an t-ím rófhada sa tsáile go dtáinig neamh-bhlastacht air: go raibh sé doi-ithte: blas leamh, cabhruighthe. Chuireadh neamh-bhlastacht mo chuid léightheóireachta ar scoil cuthach ar an máighistir: neamh-líomhthacht, ceal snasa, ceal míne agus maise labhartha.

neamh-bhóiléagar: (**neambóiléagar**) *f.1.* neamh-fhaillighe, bunadhas, spéis. Beidh gach aon rud chómh cruinn, baileach aice ar fuaid an tighe, mar is í siúd go bhfuil an neamh-bhóiléagar ag baint léi: an chríochnamhlacht agus an aire. Sin é an neamh-bhóiléagar agat, gach aon tsaghas dubháin ina phóca aige i gcóir aon teagmhais: an réamh-aire is an réamh-chúram.

neamh-bhóiléagarach: (**neambóileagarach**) *a.* neamhfhaillightheach, neamh-mhanaoiseach, aire. Bhítheas ró-neamh-bhóiléagarach dom, bhí gach aonnidh curtha i dtaisce fé ghlais is ní raibh cao ná amus agam fogha do thabhairt: róchúramach: ró-aireach. Deir Sasana, nár bh'ionann is an Ghearmáin, go rabhadar féin bóiléagarach roim an gcogadh is an Ghearmáin neamh-bhóiléagarach: go raibh gach aon rud ullamh aca i gcóir an lae. Cléireach neamh-bhóiléagarach gur cuma cá tráth a scrúdófí a leabhartha cunntais go bhfaighfí in eagar cheart iad: nár thug faillighe 'na chúram. Oiread is luach leathphingne níor fhág sé gan cur chun críche, buachaill níos neamh-bhóiléagaraighe is deacair d'fhagháil: airighe.

neamh-bhrigh: (**neambrigh**) *b.2.* laige, ceal nirt, ceal cómhachta, neamh-nidh. Pléasclach mór beó a bhí ar snámh, tháinig na saighdiúiridhe agus chuireadar ar neamh-bhrigh é: ó phléascadh, dheineadar náid de. B'éigean dóibh scaramhaint liom lém neamh-bhrigh, aon rud ní rabhas ábalta ar a dhéanamh ina cheart: ceal acfuinne nó cumais mo chúram do dhéanamh. Ag dul i neamh-bhrigh atá gach iarracht leat, cár imthigh do neart?: i laige: níos lugha riain id dhiaidh. An saghas síl go dtagrair do d'imthigh sé i neamh-bhrigh fadó, ní fhásfadh annso in ao'chor anois: chuaidh chun deiridh: mheath sé ar fad ar fad.

neamh-bhuidheach: (**neambuidheach**) *a.* Tar éis do ghéir-dhíchill do dhéanamh dos na daoinibh neamh-mhaithis sin beifear chómh neamh-bhuidheach is dá mbeitheá gan lámh gan chos do chorruighe dhóibh: gan motháilt chaoin aca dhuit as bhail do dhéanamh. Táthar neamh-bhuidheach go maith dhe sa bhaile an aimsir seo toisc a neamh-aistearaighe atá sé: níl puinn taithnimh do. Mise an fear neamh-bhuidheach díom féin tar éis an lae, ag tabhairt fé rud ná raibh aon bhaint agam leis is gan faic dá bharr agam: gan me sásta im aigne liom féin: me milleánach orm féin.

neamh-bhuidheachas: (**neambuidheachas**) *f.1.* ceal buidheachais, mío-thaithneamh, neamh-chúiteamhach. Dá mhéid is dá fheabhas a rinne sé ar son a thíre i ndeireadh thiar thall ní bhfuair sé ach neamh-bhuidheachas: níor cúitigheadh leis lé cion air ná rud do thabhairt dá bharr do. Neamh-bhuidheachas ar fad an duine dá ndéinteá na huirc is na hairc do: pioc fonn cúitimh do bheadh air ná a chur in iúil go raibh motháilt chneasta ná chaoin aige as comaoin do chur air. Tóg uaim-se é go mbeidh neamh-bhuidheachas agat-sa ort féin sara mbeir réidh leó súd, mar nách aon dóighthín éinne aca chun dul i dtreis leó: ní bheir róshásta leat féin: gan an meas cóir do bheith ar chomaoin ná ar mhaitheas.

neamh-bhuan: (**neambuan**) *a.* neamh-sheasamhach, duthain, sealadach. Bróga taithneamhacha maidir lé déanamh iad ach beid neamh-bhuan mar ná fuil an rith ceart leathair ionta: ní mhairfid i bhfad. Pósadh neamh-bhuan do b'eadh é, d'éag a bhean tar éis bliadhna: gearr. Neamh-bhuan ná rabhair, a dhuine mhuinnteartha, mar is mise ná fuil neamhbhuidheach díot: saoghal fada chughat: is mise go bhfuil an ghrádhmhaireacht aigne agam duit. Treibh neamh-bhuan dob eadh iad, do bhí cliabh-aicíd éigin ionta: gearr-shaoghaltach.

neamh-bhuancas: (**neambuancas**) *f.1.* neamh-sheasamhacht, neamh-mharthanacht, neamh-fhulang aimsire is caithimh. Ní fiú na bróga éadtroma san do cheannach i gcóir na tuaithe lé n-a neamh-bhuancas ní thugaid aon tseasamh uatha: neamh-achmhaoin: gan aon duthag. Neamh-bhuancas an duine, go bhfóiridh Dia air, nách fios cathain baileóchaidh leis as an saoghal so. Roim neamh-bhuancas na haimsire seo go mbeadh faitchíos orm dul go hoileán chómh fada ó thalamh: so-atharracht.

neamh-bhocht: (**neambocht**) *a.* neamh-sprionnlaithe, neamh-sciotuighthe. Ní bheidh peaca an tómhais ar do láimh, tá sé líonta go neamh-bhocht agat: go fial, flúirseach. Fear chómh neamh-bhocht is rug ar scilling riamh, níor bh'fhada an mhoill air an croiceann do bhaint di: neamh-mion, neamh-sprionnlaithe. Croidhe neamh-bhocht: fial, fairsing, fáilteach.

neamh-bhodhaire: (**neambodhaire**) *b.4.* ceal bodhaire, deagh-éisteacht. Lá éigin déanfaidh do neamh-bhodhaire buadhairt duit, cloisir rudaidhe gur bh'fhearra dhuit gan: béas agat cluas lé héisteacht. Cuirfead-sa neamh-bhodhaire ort mara mbír níos airighe: iachall ort éisteacht liom.

neamh-bhúntáiste: (**neambúntáiste, neamh-bhuntáiste, neambuntáiste**) *b.4.* neamh-thairbhe, neamh-mháchail, neamh-shochar, neamh-fhághaltach; neamh-lom. Fear díreach

go bhfuil neamh-bhúntáiste ag baint leis: ná bíonn d'iarraidh búntáiste, lom nó tairbhe neamh-cheart do bheith aige. Ní raibh a bhac air aon rud budh mhian leis do dhéanamh liom nuair fuair sé ar lár me, ach leig sé ina neamh-bhúntáiste é: níor thug aon iarracht ar thairbhe do bhaint as an gcomhthrom a bhí aige orm.

neamh-bhúntáisteach: (**neambúntáisteach, neamh-bhuntáisteach, neambuntáisteach, neamh-bhúntáisteamhail, neambúntáisteamhail**) *a.* neamh-thairbheach, neamh-bhrabúchamhail, neamh-shochrach, neamh-lochtach, neamh-cheartéiseach, neamh-mhácaileach, neamh-thapaidh chun beartha amuigh ar dhuine; gan bheith leachta ar adhbhar aon déantúis. Obair neamh-bhúntáisteach seadh í, ní bhfaghfá cao ar bith breis aimsire do chur isteach chun breis airgid do dhéanamh: níl aon bhrabúch lé fagháil uirthi. Fear neamh-bhúntáisteach é sin dá mbeitheá i dtreis leis ní bheadh choidhche éilightheach ar aon rud thar n-a cheart: ná beadh d'iarraidh lom d'fhagháil. Bíonn siad an-neamh-bhúntáisteach liom-sa, pé scéal é, níor chuireadar aon rud in iúil riamh orm cé gur iomdha dearmhad do dheineas: neamh-chlaon lé locht d'fhagháil orm. Arán maith neamh-bhúntáisteach seadh é: is furaiste gan é do leigeant 'n-a roilleach. An diabhal baoghal air ná go bhfuil do ghnóth déanta go neamh-bhúntáisteach agat, ní furaiste locht d'fhagháil air: neamh-mháchaileach. Mara mbeadh me bheith chómh neamh-bhúntáisteach is iomdha uair do cheartóchainn tu ar na dearmhadaidhibh cainnte atá déanta agat: neamh-cheartéiseach: gan fonn orm do lochtaidhe do nochtadh.

neamh-bhunadhas: (**neambunadhas**) *f.1.* neamh-éifeacht, neamh-fhuaimeant, neamh-dheallramh, neamh-bhrigh (ciall); neamh-chríochnughadh. An neamh-bhunadhas atá ag baint léd chuid cainnte foillsigheann sé an beag-eólas atá agat ar an nidh go bhfuilir ag tagairt do, táir amudha go mór: neamh-éifeacht: ceal fuaimeanta. Mara mbeadh an neamh-bhunadhas ní bheifeá beó bocht dealbh mar taoi, is iomdha cao mhaith a scaoilis thart go neamhthuiseach: ceal tionnscail is meabhraidheachta chun é féin do chur chun cinn. Is dóigh leat-sa ná fuil ag baint leis an árus san ar an ndéanamh atá air ach neamh-bhunadhas ach tá a ghnóth féin aige: gur árus é ná bainfí aon áis as. Bíonn neamh-bhunadhas leis gach aon rud do dhéineann sé: ceal éifeachta, ceal fátha bheith leo.

neamh-bhunadhasach: (**neambhunadhasach**) *a.* neamh-éifeachtamhail, neamh-chiallmhar, neamh-dheallramhtach. Focal neamh-bhunadhasach seadh é chun san do chur i gcéill ina cheart: focal ná fuil fuaimeant ná brigh a dhóthain leis. Scéal neamh-bhunadhasach atá beartha leat agat, níl faic agat a chruthóchadh go bhfuil an fhírinne ann: gan fuaimeant: níl a dhóthain deallraimh leis. An aon iongadh dhuit do bheith beó, dealbh is a neamh-bhunadhasaighe a chuirir rómhat maireachtaint: faillightheach, siléigeach, fuairthéach. Fear neamh-bhunadhasach seadh anois me, is furaiste breith ar earball orm i dtaobh airgid ach ní rabhas mar sin tamall, ní bhíodh broid ná easbhaidh orm: neamh-strosamhail, bocht.

neamh-chaitheamh: *f.1.* bainistighe, coigiltighe, coigilteacht, cruinneas, cnuaisceamhanacht, coimeádacht, ceal luigheadughadh in áis, i luach, i bhfeidhm in aon earra go mbeifí ag baint úsáide as; neamh-éileamh, neamh-fhonn. Is é iongadh gach éinne go bhfuil aithne aige air a luighead neamh-chaithimh atá air is an t-aos mór atá aige, é chómh hóigíneach, seasuightheach, láidir lé fear a dathad: gan aon dul chun deiridh. Ní

maith leis an neamh-chaitheamh ina dhiaidh atá aice agus é féin trom-ghrádhach di: ceal cóimhcheana. Tamall raghainn fén roth chun toitínidhe, lé déidheannaighe tháinig neamh-chaitheamh orm chúcha: neamh-dhúil. Nách iongtach an neamh-chaitheamh atá ag dul ar an gculaith sin, tá aos chapall na gcómharsan aice: gan aon rian puinn earraidheachta uirthi dá dhaid agat í. Fuair sé oideas ón ndochtúir chun goile do thabhairt do, neamh-chaitheamh bídh a bhí air: gan fonn bídh. Cá hiongadh go mbeadh bunadhas air is an neamh-chaitheamh go léir a bhí ann: cruinneas coimeádta.

neamh-chás: *f.1.* neamhshuim, neamhchúram, neamh-áird, beag-bheann, fuairspreós, neamh-chorrabhuais, neamh-bhuaidhreamh; aithreachas, brón. Neamh-chás leis an fuacht: aon mhairg ní chuireann sé air. "Cailleadh D." – "mo neamh-chás é": neamh-thruagh: is cuma liom. Is air atá neamh-chás an tsaoghail seo má tá ar éinne, beireann fada, foidhneach ar gach aonnidh: neamh-mairg: suathadh ná cur trí chéile ní dheineann do. Is neamh-chás liom an méid sin do dhéanamh duit agus fáilte mhór: ní mairg liom: déanfad go fonnmhar é. Geallaim dhuit gurb air a bhí an neamh-chás nuair bhí do bhuadhairt féin ort: aon bhuaidhreamh níor chuir air. Neamh-chás é sin, ná cuireadh sé aon bhráig ort: rud nách fiú dhuit bheith ghod chur féin trí n-a chéile mar gheall air. Is sochma-aigeanta an duine é ní fheaca riamh é ach neamh-chás air: gan aon rud sa tsaoghal ag cur dubháilcis air. Má tá sé goirtighthe, is neamh-chás liom-sa san, mar is minic do chomhairligheas do aire do thabhairt do féin: neamh-bhuaidhreamh: neamh-mhairg. Is cuma leis connus mar bhíonn aige neamh-chás gach aon rud: neamh-cheist: neamh-shuathadh aigne. Mo neamh-chás é dá mbeadh sé marbh: mo neamh-mhairg.

neamh-chásmhar: *a.* neamh-ghearánach, neamh-chisneamhach, neamh-bhrónach, neamh-chorrabhuaiseach, neamh-shuaidhte, neamh-bhuaidheartha, neamh-chúramach. Sin é anois é gan aon rud ag déanamh mearbhaill do. Is é duine is neamh-chásmhaire sa cheanntar é: an té is lugha a bhíos ag gearán nó go bhfuil cúis ghearáin aige. B'é an té budh neamh-chásmhaire den gclainn é ar bhás an athar: is lugha a theasbáin gur luigh sé air. Mara bhfuil saoghal agaibh annsan, is neamh-chásmhar an dream fear sibh: neamh-mhairgeach: gan aon rud d'bhur suathadh is gan suim agaibh in aon rud a shuadhfadh sibh. Is sinn a bheidh go neamh-chásmhar an lá a chídhfeam ár sean-namhaid ar lár: is orainn ná goillfidh sé pioc. Daoine neamh-chásmhara ná cuireann nath in aon nidh dá dtárlóchadh díobh: gan suim: gan suim i mbuaidhreamh. Sínte siar go neamh-chásmhar is a bholg lé gréin: neamh-mhairgeach: réadh-chúiseach: gan aon rud ag dóghadh a ghirbe. Buidheachas do Dhia tá beatha neamh-chásmhar caithte agam go dtí so: ná rug iomard ná duadh orm.

neamh-chara: *f.5.* eascara, namha(id); duine gan aithne muinntearais. Ná tuig gur neamh-chara dhuit mise gidh gur dhóigh leat a mhalairt, dá bhfeicinn-se an ceann-trom ort bheinn ar do thaobh: duine ná beadh muinnteardha, taobhach leat. Neamh-chairde seadh iad lé fada, oiread san díomais aca dá chéile ná beannuighid fiú amháin: namhada.

neamh-cháirdeachas: *f.1.* neamh-mhuinntearas, neamh-chion. Oiread agus luach feóirlinge de thairbhe ní dhéanfadh duine aca don duine eile leis an neamh-cháirdeachas atá eatartha: neamh-mhothúilt cneastachta, measa ná fonn coidrimh a luighead. Níl istigh i gcroidhe an anchúinse sin ach neamh-cháirdeachas don uile dhuine gníomh maith ná

focal dóibh ní bhfuairtheas riamh as: ceal grádhmhaireachta. “Ní raghainn id shochraid” – “a leithéid de neamh-cháirdeachas!”: ceal measa is báidheamhlachta.

neamh-cháiréis: *b.2.* neamh-mhórdháil, neamh-thóirtéis, neamh-shnastacht, neamh-chúramacht, neamh-bheachtacht, neamh-chruinneas. Ní gábhadh d’éinne a innsint dom gur deineadh é seo lé neamh-cháiréis mar tá a rian air, is é atá go tútach: gan aon mhór-chuimhneamh ar shlacht. An neamh-cháiréis seo i dtaobh a pearsan is a gnúise níl ann ach dúmas, mar is í a chaitheas na tráthanna ghá maisiughadh féin: an ceal aire agus mórdhála. An neamh-cháiréis a chaill an bád: neamh-aire. Rud a chuireann olc air neamh-cháiréis bídh, a mhian gach nidh bheith cóirighthe ar fheabhas: faillighe ina bhruth is a chur ar bórd. Ní bhfuaireas riamh ón muinntir budh ghiorra gaol is cómhgas dom ach neamh-cháiréis, budh chneasta do bheidís lé duine iasachta: ceal cineáltais is ceannúireachta. Lé corp neamh-cháiréise ghaibh sé thar na céadta dearmhad gan a gceartughadh ná a dtabhairt fé ndeara: neamh-aire. Ní raibh riamh san bhfear gcéadna ach an neamh-cháiréis: rian tóirtéise gan bheith ann.

neamh-cháiréiseach: *a.* neamh-shlachtmhar, neamh-bheacht, neamh-mhiangasach, neamh-mhórdhálach, neamh-thóirtéiseach. Cad n-a thaobh bheith chómh neamh-cháiréiseach i dtaobh do chuid éadaigh?: lán de smúit is í stracuighthe, ná tabharfá aire dhi: neamh-shuimeamhail. Is furaiste cóstáil leis i dtigh tá sé neamh-cháiréiseach go leór i dtaobh an déanaimh a gheóbhadh sé: níl sé beacht: furaiste do shásamh: níl sé posóideach. Mara mbeadh tú do bheith neamh-cháiréiseach, rud ná raibh ceart agat i dtaobh nidh chómh luachmhar, ní chaillfeá é: manaoiseach, neamh-aireach. Níor cheart duit bheith chómh neamh-cháiréiseach san asat féin ná go mbeadh támáilteach ort nuair gheibhir moladh atá tuillte agat: neamh-thóirtéiseach do cheann do bheith fút.

neamh-cheart: *f.1.* éagcóir, mío-mhacántas, amugha, bréagach, dearmadacht. Is oth liom a rádh leat go bhfuil an neamh-cheart agat chuige, ní hé a dheárna an nidh do chuirir ina leith: éagcóir. Neamh-cheart duit cuid éinne do thógaint gan a chead: mío-mhacántas. Tá an neamh-cheart agat ar bhrigh an fhocail sin: táir ag dul amudha. Ceart nó neamh-cheart caithfead mo shlighe féin do bheith agam: gan locht nó lé locht. Cainnt neamh-cheart dhuit tagairt dá mhuinntir go tarcuisneach i gcuideachtain: neamh-oireamhnach don uain is don áit. An chainnt neamh-cheart adubharais, aon rud eile ach san: an chainnt nár oir. An neamh-cheart dom a fhiafraighe dhíot connus chaithir do chuid aimsire?: deiliúsach, mí-bhéasach.

neamh-chead: *f.3.* neamh-ughdarás nó neamh-shaoirse rud do dhéanamh; neamhthoilteanacht, ceal cead, cosc, col. Déanfad é ar do neamh-chead agus d’aindeóin t’fhiacail: gan bhladh gan bhuidheachas duit. Órdughadh neamh-cheada agam é sin do thabhairt d’éinne: níl aon ughdarás agam etc. Tá neamh-chead poitín do dhéanamh sa dúthaigh: col leis. Shaoileas go raibh neamh-chead agat chun san do dhéanamh, cad fáth gur dheinis é?: go raibh cosc ort. Deineadh lém neamh-chead é: gan a fhiafraighe díom an ndéanfí nó ná déanfí. Dheineas go neamh-chead do é: dá aindeóin.

neamh-cheist: *b.2.* neamh-dochma, neamh-imshníomh. Is air siúd do bhí an neamh-cheist cur chun siubhail go Corcaigh dá fhaid uaidh a bhí sé: aon dochma in ao'chor: faitchíos ar bith roim an dturus. Is í an neamh-cheist i dtaobh gach aon rud a thárluigheas do a chuirfeadh an t-aiteas ort: neamh-shuim: neamh-mhairg pé cruadhtan do chuireann sé air.

neamh-chion: *f.3.* (*-cheana*) ceal grádha, combáidhe, annsachta etc., táir. An oiread san neamh-cheana aca orm gur ruagadar me d'aindeóin mo shaothair dóibh: ceal mothála muinnteartha. Is mór an neamh-chion a bhí ar an ndlighe aige go mbriseadh í ar gach cor is cao do bhfaghadh: táir is tarcuisne. Leis an neamh-chion a bhí aice dá chéile ní ullamhóchadh sí a chuid bídh do: ceal measa. Is agam-sa atá an neamh-chion ort-sa mar gheall ar thu do bheith chómh droich-iomchair: an mío-bhuidheachas mór.

neamh-chionnta: *a. n-dh.* saor ó choir, ó chionnta. "Táim chómh neamh-chionnta ar an gcoir atá im leith", ar seisean, "is tá an leanbh nár saoghaluigheadh fós": saor nó glan uirthi.

neamh-chionntach: *f.1.* duine ná bíonn coir nó éagcóir déanta aige. "Congaibh tú féin i bhfad ó chúis bhréagaigh; agus an neamh-chionntach agus an fíréan ná mairbh thusa, óir ní gheóbhfaidh mise leathscéal ar dhrochdhuine" (Ecs. XXIII. 7): an té ná fuil cúis air. "Má mharbhuigheann an sciúirse go hobann, do dhéanfaidh seisean gáire um dhearbhadh an neamh-chionntaigh": an té a bhíos saor ó choir.

neamh-chodladh: *f.* (*-lta*) ceal codlata, so-dhúisteacht; neamhfhonn codlata. Nách mór an neamh-chodladh a chuireadh té air ná tuiteadh aon néall i rith na hoidhche geimhridh: aiste dúiseachta. Fanfad-sa ag faire, tá neamh-chodladh anocht orm: nílim claon chun codlata. Éireóchad-sa in am ná bíodh eagla ort, bíonn neamh-chodladh orm: codladh éadtrom gur furaiste me do dhúiseacht as.

neamh-chodlatach: *a.* gan codladh, gan bheith claon leis. Is neamh-chodlatach an mac thu is bheith it shuidhe ar chéad ghiolc an ghealbhain gach maidean: ní bhfaghann an codladh mór-ghreim ort: mochóirghe maith seadh thu. Gleodh is calán ar fuaid an bhaile toisc na n-athraighe aoir. Is neamh-chodlatach an oidhche do thugadar dom: gan néall do dhul ar mo shúil.

neamh-choimhightheach: (**n-choimhtheach**) *a.* neamh-iargcúlta, muinnteartha, fial, fáilteach. An chuma neamh-choimhightheach a bhí ar an aimsir i dtosach na seachtmhaine, breágh, mín, is níl againn anois ach gaoth mhór is báisteach: taithneamhach. Leanbh neamh-choimhightheach é is é a ghreaindí dul chun duine deóranta is bheith ag súgradh leis: lághach: neamhfhiadhta: coidreamhamhail. Is neamh-choimhighthighe go mór anois 'ná an uair tháinig sé ar dtúis, ní mór go mbeannóchadh duit, anois ní fhéadfá aighneas do choimeád do: is coidreamhamhla: níl sé chómh hiargcúlta agus bhíodh. Táid, chun a gcirt féin do thabhairt dóibh, neamh-choimhightheach fé aon rud do bheadh aca do thabhairt uatha: fial: ní locfaidís iarratas ar neach dá mb'fhéidir.

neamh-choingheall: *f.1.* neamh-chomhall, gan choingheall, briseadh margaidh, caradais etc. Cé is bun leis an neamh-choingheall ach tusa nár né mar gheallais féd láimh: briseadh cuir. An bhfuil éinne annso go bhfuil de neamh-choingheall air a bheith láithreach: gan é do bheith i ngreim ná i margadh air. D'aithnigheas air ná claoidhfeadh sé lé n-a fhocal, tá an neamh-choingheall riamh ann: neamh-dhílseacht: gan an mianach sians do choimeád ar an nidh a bhíos ina mhuirearaighe air nó a chuireas roimis.

neamh-choingheallach: *a.* neamh-achtamhail, gan agó; gan chosc, gan cheangal; neamh-bhuantseasamhach. Beidh áiteamh choidhche air is baoghalach an géilleadh neamh-choingheallach do rinne gairisiún (fiandún) Dhúna an Óir nó nách é: gan aon gheallamhaint d'fhagháil ar cad a déanfí leo. Cheannuigh sé an capall go neamh-choingheallach: díreach mar sheasaimh sé gan aon chao ná go ngeóbhadh sé leis péaca sásta nó a mhalairt lé n-a mhargadh do bheadh sé. Fear neamh-choingheallach seadh, má tá an neart féin ann, ní deacair é do chur 'n-a stad: níl buantseasamhach: gan mianach an bhuantseasaimh. Budh neamh-choingheallach an bheart uait gan dul chun a fhuascalta: ní raibh an dúthracht cheart ionat.

neamh-chóir: *a.* neamh-cheart, éagcórach, gan bheith dréir chirt ná córach. Tugadh breith neamh-chóir air, bliadhain phríosúin ar bheag-chúis: ná raibh dréir córach. "Dhiúltuigh sé duine a thug do go minic" – "budh neamh-chóir do san": bhí san as an slighe: neamh-ionraic: neamh-dhíreach: mío-mhacánta.

neamh-chóir: *b.5.* neamh-cheart, neamh-ionracas, mío-mhacántacht. Tá an neamh-chóir agat chugham má mhilleánuighir me mar gheall ar an airgead do thógaint, mar idir me agus Dia ní raibh aon lámh agam ann: ní raibh sé ceart, ionraic dréir dlighe na córach. Neamh-chóir seadh breith do thabhairt ar dhuine: suainseán nó tromaidheacht do dhéanamh air.

neamh-choitcheann: *a.* neamh-ghnáthach, neamh-iomadamhail, fánach, tearc, do-fhaghála. Éan neamh-choitcheann seadh an fiolar in Éirinn anois: tearc: is annamh chídhtear é. Duine neamh-choitcheann é sin, is beag mar é do gheóbhfá chómh foghlumtha: a leithéid eile is deacair d'fhagháil. Is neamh-choitchinne go mór an braigheal ná an fiach mara: is teirce: níl sé chómh hiomadamhail. Neamh-choitcheann a bhuailimíd lé chéile, b'fhéidir uair sa bhliadhain: go hannamh: fánach. Is neamh-choitcheann an gníomh meisnigh do dhein sé sáthadh tríd an lasair d'fhuascailt leinbh a bhí fé ghlas: áidhbhéil, iongtach. "An itheann sé go maith anois?" – "is neamh-choitcheann é": an-annamh. Dheineadh sé gach aonnidh budh neamh-choitchinne 'ná a chéile, dul ar dhruim capaill isteach i dtigh ósda, dul ar snámh fé n-a chuid éadaigh etc.: nár ghnáth.

neamh-choitcheanntacht: *b.3.* fánacht, teirce, deórantacht. Leanbh do thabharfadh fé ndeara neamh-choitcheanntacht na mbláth san, nílid in aon áit eile tímcheall: teirce: gan iad i mórán áiteanna. Lé neamh-choitcheanntacht a chuid léighinn tógadh ceann de i ngach dúthaigh: feabhas ná raibh in aon duine eile. Ní maith lé muinntir ár dtighe a neamh-choitcheanntacht a thagair, is dóigh leó gur olc éigin atá agat chughainn: a annamhacht. Ar neamh-choitcheanntacht an éisc teacht geairrid don dtalamh caithfidh

báid bheag éirghe suas de: stad dá iascach toisc gurbh annamh do thagann in aice na talmhan. Bun lé neamh-choitcheanntacht an phlúir bháin an cogadh: gan é do bheith flúirseach: é do bheith gann.

neamh-chorruightheach: *a.* do-ghluaiste, do-chorruighthe, réidh-shocair, daingean, cómhnaidhtheach. Carraig neamh-chorruightheach nách féidir do mhúscailt as a máithreachaibh: nách féidir "hob" ná "héib" do bhaint aiste: bogadh ná sáthadh. Is neamh-chorruightheach an duine é, bás ná iomard ní bhaineann deóir ná preab as: daingean, do-bhogtha chun bróin. Nách neamh-chorruightheach an duine é, is a bhfuil ólta aige gan aon rian dighe air: nách féidir aon athrughadh do dhéanamh air. Dá mbeadh an bacach ag lorg déirce air go dtiocfadh tart air ní thabharfadh oiread agus cianóg do, tá sé chómh neamh-chorruightheach sin: croidhe calcuighthe aige. Is chómh neamh-chorruightheach san do chun oibre ná meallfadh ór ná ocras chúiche é: daingean i leisce.

neamh-chorruightheacht: *b.3.* ar aiste dhaingean, neamh-athruightheach, neamh-bhogadh, réidh-shocracht, cómhnaidhtheacht. Neamh-chorruightheacht na gaoithe anois lé seachtmhain, ag séideadh as an áird chéadna: neamh-athruightheacht. Bhítheas ag tláithínteacht leis, ag tafant is ag meallaireacht air ach níor bh'fhéidir aon bhogadh do bhaint as lé n-a neamh-chorruightheacht: a dhaingneacht aigne. Is cuma cad dhéanfadh sé as an slighe, níor bh'fhéidir í do chur ina choinnibh lé neamh-chorruightheacht a grádha dho: cómhnaidhtheacht.

neamh-chomhthrom: *a.* neamh-cheart, neamh-ionann, neamh-fhreagarthach, as coimse. Rinnis roinnt neamh-chomhthrom, thugais breis duit féin: neamh-cheart: neamh-ionraic. Cuireadh obair neamh-chomhthrom air, iarradh air cion beirte nách mór do dhéanamh: thar ceart: éagcórach. Ualach neamh-chomhthrom é sin, tá breis de ar aon taobh amháin: neamh-ionann: gan é in ionannas maidir lé meádhachtaint. Tá na heochracha neamh-chomhthrom, ní osclóchaidís an glas: neamh-oireamhnach. Ní fhéadfainn mo lámh do shroichstint chuige, bhíos in áit neamh-chomhthrom: áit ná raibh aon deis agam air. Is neamh-chomhthruime go mór, nidh nách iongadh siubhal i gcoinnibh an aoird ná leis an bhfánaidh: is deacra: níl an deis ann. An bóthar is neamh-chomhthruime sa cheanntar is é é: is deacra do thaisteal lé hárdánaibh is ísleánaibh etc. Is neamh-chomhthruime an t-ualach orm ar bhun mo dhroma 'ná ar árd mo dhroma: is lugha deis agam feidhm do bhaint as mo neart.

neamh-chomhthrom: *f.1.* neamh-cheart, aimhréidhteacht, neamh-ionannas, neamh-choimse. A fhir bhoicht, is tú fuair an neamh-chomhthrom riamh, dubh-obair, beag-thuarastal is droch-chóir: leath-chuma: déanamh ná raibh díreach ná ionraic. Tá an t-ualach ar neamh-chomhthrom sa luing, tá leath-cheann uirthi dá dheascaibh: breis de ar thaobh: neamh-ionannas. Neamh-chomhthrom an chnuic b'é budh bhun leis an ngirrfhiadh do thabhairt na gcos ón gcoin: neamh-réidheacht: deacracht a thaisteal trí achrann: aimhréidheacht. Thugais an neamh-chomhthrom dom sa tsiúicre: ní bhfuaireas an tómhas ceart, dleaghthach.

neamh-chomhthromamhail: *a.* aimhréidh, deacair d'iomchar, do shiubhal etc. trí chonstaicidhibh; neamh-sheascair. An clár ró-neamh-chomhthromamhail ar mo ghualainn

gur deacair dom a iomchar: gan é ina luighe uirthe i gceart. Bóthar neamh-chomhthromamhail do ghluaisteán seadh é, a lia árd is isleán is ciseach ann: aimhréidh lé taisteal. Baile neamh-chomhthromamhail mar a mairim: deacair do chriadhthairt (do chur is do bhaint) trí dhroch-bhóithribh, árdáin nó a leithéididhe. Leabaidh neamh-chomhthromamhail a bhí agam, bhí sí chómh cruaidh sin néall níor thuit ar mo shúil: neamhsheascair. Tá an saoghal ag dul im choinnibh ar fad, tá sé neamh-chomhthromamhail orm: dian: íogair: iomardamhail. Léan uirthe mar fhaill, is í atá go neamh-chomhthromamhail. Drochbhóithre atá tímcheall annso, an-neamh-chomhthromamhail do ghluaisteánaibh go mórmhór, clocha, ciseacha etc.: neamhréidh: míoshásamhach lé taisdeal.

neamh-chomhthromamhlacht: *b.3.* aimhréidheacht, deacracht d'iomchar, do shiubhal, d'fhulang etc., achrannacht, neamhsheascaireacht; déanamh leath-chuma; leathtrom. Le neamh-chomhthromamhlacht na cathaoireach ar an úrlár bhí sé ag luascadh: gan na cosa bheith in ionannas ag bualadh air. Lé neamh-chomhthromamhlacht an tsaoghail is na beatha air clipeadh é gur ídigh é féin: déine is tromaidheacht míochuibheasach. Neamh-chomhthromamhlacht an ualaigh sa luing, é slaghdáil ó thaobh taobh innte seadh d'iompuigh: aimhréidheacht: gan é do bheith socair ina cheart.

neamh-chosamhail: *a.* neamh-dheallramhtach, neamh-ionann, neamh-dhóightheamhail; éagsamhail; deifreach; neamh-shamhlach. Is neamh-chosamhail go dtiocfaidh in ao'chor ar olcas na huanach atá ann: ní deallramhtach é: ní dócha. Is neamh-chosamhail an scéal go bhfágfadh duine a mbeadh aige lé hudhacht ag daoinibh iasachta is locadh ar a mhuinntir féin: ní bhaineann sé lé deallramh. Ní neamh-chosamhail go mbuailfeadh sé linn san áit úd, gnáthuigheann sé go minic é: ní neamh-dhóightheamhail: níor dhóichighde 'ná a chéile. Ní neamh-chosamhla aon bheirt lé chéile i ndeallramh 'si meón 'ná an mac san t-athair, níl an dath céadna ortha is pioc de thréithibh dhuine aca níl sa duine eile: gan aon rud pearsanta ná meóin mar a chéile eatartha. "Dhiúltuigh sé me go gráineamhail" – "is neamh-chosamhail sin leis": sin rud ná cuirfeá fé n-a thuairm, nách gnáthach leis do dhéanamh. Is neamh-chosamhla me bhuadhachtaint 'ná teip orm mar níl aon ullamhughadh déanta agam: is dóightheamhla go dteipfidh orm.

neamh-chosamhlacht: *b.3.* neamh-dheallramhtacht, neamh-ionannacht, éagsamhlacht; neamh-dhóightheamhlacht. Neamh-chosamhlacht léd mhuinntir do chuir amudha me, ní hé an déantús céadna ná an dath céadna sibh: easbhaidh deallraimh. Le neamh-chosamhlacht an scéil ní chreidfeadh sé focal de: gan deallramh na fírinne ná dearbhachta air. An neamh-chosamhlacht atá ag bainne an dá bhó lé chéile níor dhóigh lé duine gur ar an dtalamh céadna do dhéinid ingheal: ceal deallraimh mar atá i ndath ná i saidhbhreas. Neamh-chosamhlacht an ruda atá ráidhte agat atá ag déanamh mearbhaill dom: is é ar bheith bréagach gan bheith i gceist, ná fíor. Duine agaibh chómh dona leis an nduine eile gan aon neamh-chosamhlacht eadraibh: ar chóimhrian. Ní mór an neamh-chosamhlacht i ndath idir an coinín agus an girrfhiadh: ní mór ná gurb é an dath céadna é.

neamh-chradhscalach: (**n-chraoscalach**) *a.* neamh-ghéilleamhlacht do iomard nó do bhuadhairt; do-shuaidhte ag anacair neamh-cheisneamhach; neamh-dhochmamhail i gcruadhtan. Is cuimhin liom an lá chaith an tighearna talmhan amach ar an mbán iad ná

raibh brón ná faitchíos lé tabhairt fé ndeara ortha, na daoine budh neamh-chradhscalaighe le fagháil: neamhmhairgeach: nár luigh a n-aiste in ao'chor ortha. Dá mhéid agus dá mharbhthaighe na hionnsaidhthe atá dhá dhéanamh ortha táid ag troid go neamh-chradhscalach in aghaidh a namhad: go dúr daingean, gan staonadh meisnigh. Trí gach anródh agus anacair níor ghearán sé uair amháin, duine budh neamh-chradhscalaighe 'ná é budh dheacair d'fhagháil: budh neamh-cheisneamhaighe. Fear neamh-chradhscalach: ná goilleann faic air.

neamh-chradhscal(acht): *f.1.* (*b.3.*) neamh-staontacht, neamh-cheisneamhacht, neamh-chúbadh; seasamhacht, neamhghéilleadh, diongmhálacht rúin. Is cuma cá iomard do thárlóchadh do níor bhain aon bhéic as a neamh-chradhscal budh chosamhla é lé fear go raibh gach aon rud ar a thoil aige: daingneacht: fulang aindeise. An neamh-chradhscal budh dhual is budh dhúthchas dóibh a choimeád 'n-a mbeathaidh iad trí anróidhtibh a chuirfeadh a thuilleadh 'on uaigh nó go tigh na ngealt: an neamh-chúbadh roim agus an neamh-gheilleadh d'anacair. Ná bí-se ag maoidheamh as do neamh-chradhscal in ao'chor mar do scannradh priocadh deilgne thu: fuilngtheacht tinnis.

neamh-chuibheasach: *a.* neamh-ghnáth, mí-choimseach, iomadach, thar fóir, ainmheasardha. Dhein sé ól neamh-chuibheasach gur fhóbair go marbhóchadh sé é féin leis: thar ceart: thar coimse. Níor mhaith liom cuideachta an fhir neamh-chuibheasaigh sin: ná fuil aon teóra leis na nidhthibh a dhéanfadh sé: ná staonfadh ar aonnidh. Nách í an bhean neamh-chuibheasach í, ar chualaís an íde bhéil a thug sí ar a fear?: nách cosamhail lé furmhór na mban, maidir lé béasaibh is mianach. Cá hiongadh gur chuir an capall stailc suas is ná tairngeóchadh sé an t-ualach neamh-chuibheasach do cuireadh air: thar cheart. Is neamh-chuibheasach an béal atá ort, a leithéid de bhoirbe is annamh do chuala: béal gránda gáirseamhail. Lá neamh-chuibheasach chun dul i bhfad ó bhaile seadh é: lá gur deacair iontaoibh do chur ann.

neamh-chuid: *b.3.* bochtanacht, suarachas. "An bhfuil a lán airgid agat?" – "táim ar an neamh-chuid": an bhochtanacht. Mórán ar ár mbaile-ne ar an neamh-chuid: gan puinn (talmhan) aca.

neamh-chúinse: *b.4.* macántacht, saontacht, neamh-chamasghail. Mara mbeadh neamh-chúinse an fhir is iomdha pingin a bheadh cúblálta chuige, ar an tslighe bhíodh sé ar bóiléagar ina thímcheall: saontacht: macántacht. I leith a neamh-chúinse dho is iomdha beart cam do rinne sé: ag leigeant air ná raibh aon chamasghail ina bholg.

neamh-chúinseacht: *b.3.* saontacht, macántacht. Mara mbeadh an neamh-chúinseacht bheith ina chroidhe budh strosamhail an fear indiu é, is iomdha cao fuair ar airgead do chúbláil chuige: ceal camasghala: dírigheacht. Neamh-chúinseacht an leinbh ann: macántacht.

neamh-chúis: *b.2.* fastaoim, easbhaidh fátha milleáin. Cuireadh trí bliadhna príosúin air is an neamh-chúis go léir a bhí air: gan aon rud ar an dtalamh déanta as an slighe aige: gan aon rud déanta aige gur cheart é do thabhairt os chómhair na dlighe ina thaobh: neamh-chionntacht. Neamh-chúis seadh fuinneóg do bhriseadh gan choinne leis, ná bíodh

aon faitchíos ort ina thaobh: cúis gan tábhacht. Is mór an neamh-chúis duit an duine sin do bhualadh: níl fáth ar bith agat leis.

neamh-chumha: *b.4.* ceal cumhaidh, girréis. Mo neamh-chuma mo namhaid ar lár!: is geal liom é. "Fuair S. bás" – "mo neamh-chuma é!": aon mhairg ní chuireann orm. Budh neamh-chuma liom seanduine d'fhagháil bháis seachas duine i mbláth na hóige: neamh-bhrón. Nuair chídhtear duine go geal-gháirteach déarfí leis, "is ort atá an neamh-chuma": gan aon rud a dhéanfadh do bhuaidhreamh.

neamh-chúram: *f.1.* (*g.* neamh-chúraim, n-chúirim; *iol.* n-chúirimidhe) faillighe, díomhaointeas, neamh-aistear, deiliús, tighearnamhlacht; teasardha gan iarraidh, eadragáin. Is ort a bhí an neamh-chúram is dul ag cabhradh leo san is an iomad cabhartha cheana aca: neamh-aistear .i. gheóbhfá rud éigin do dhéanamh duit féin dob fhearra dhuit. Leis an neamh-chúram ní fhéadfá stad agus leigeant do san ná fuil ag baint leat ná ag cur isteach ort: teasbhach díomhaointis: ceal a mhalairt lé déanamh. Sid é buachaill an neamh-chúraim atá ag snoighe cipín lé sciain: atá gabhtha i ngnóth leanbaidhe. Má bhíonn neamh-chúram orm ambáireach buailfead chughat, is ragham ar aistear: neamhghabhtha lé gnóth. Leis an neamh-chúram do bhuaileas mo chasóg tharm, do dhearmhadas í: faillighe. Mara mbeadh an neamh-chúram do bheith ag gabháil lastuas díot ní bhacfá thart bheith ag méaráil leis an rud ná baineann leat: tighearnamhlacht agus ughdarás. Mara stadair cuirfead-sa neamh-chúram éigin eile ort: múinfidh me ceacht duit: tabharfad rud éigin lé déanamh duit ná taithneóchaidh leat.

neamh-chúramach: *a.* díomhaoin, faillightheach, eadragánach. Duine seadh é nár cheart aon airgead do chur ar a iontaoibh, tá sé neamh-chúramach agus is minic caillte aige é: neamh-aireach: faillightheach. Aimsir neamh-chúramach í seo, ó tá an fóghmhar saothruighthe againn: neamh-ghnóthach. Is neamh-chúramach do bheifeá dul ar teachtaireacht chúig mhíle dhi, cad mar gheall ar an liaghairne fir atá aice?: dearg-dhíomhaoin: éascaidh. Nách neamh-chúramach a bhís agus na scéalta san do bhreith chugham seachas éinne eile: eadragánach: éascaidh chun a chinn do sháthadh in áit ná teastuigheann sé.

neamh-chráidhte: *a. n-dh.* sochma, réidh, subháilceach. Duine breágh neamh-chráidhte é sin a bheireann bog ar an saoghal: subháilceach: ná leigeann d'aon rud mairg do chur air. Nára imthighidh uaim ach an madra céadna, bhíos chómh neamh-chráidhte ina dhiaidh is bheinn i ndiaidh piscín cait!: neamh-mhairgeach. An-neamh-chráidhte bheinn id dhiaidh; creid me leis, dá mbuailfeá an doras amach anois is gan é do dhoirchiughadh go deó airís: neamh-chlipighthe. Neamh-chráidhte go leór do chuir sé chun oibre dá dhéine is dá fhaid í: gan aon bhuaidhreamh aigne ná leisce chuirp. Neamh-chráidhte tímcheall bídh, bíonn sí: budh bheag léi a n-íosfá de ná a mbeadh aice lé tabhairt duit: flúirseach, flaitheamhail.

neamh-chráidhteacht: *b.3.* sochmacht; subháilceacht, neamh-chlipightheacht, neamhbhuaidhreamh. B'ait leó a neamh-chráidhteacht a bhíos nuair dar leó bhí mo chuid ithte aca: neamh-chlipightheacht, a shochmacht a bhíos im meón is im chuid cainnte. Riamh, riamh, tá an neamh-chráidhteacht ag baint leis, cuma cad í an aindeise ná an t-

iomard do bhéarfadh air: sochmacht aigne: réidheas. Níl aon rud do cheap mo Thighearna Dia ar fhear is fearra dho ná neamh-chráidhteacht leis an gcómharsain is leis an saoghal: breith sochma, faidtheadhlach, ciúin ar gach beart cruaidh nó bog.

neamh-cheannsa: *a. n-dh.* neamh-mhín, neamh-mhiochair, neamh-shéimh, neamh-thláith. Cuirfir an t-ainmhidhe capaill sin id choinnibh mara n-athruighir, táir neamh-cheannsa leis, cad fáth bheith ag gabháil air: neamh-mhín. Ná labhair chómh neamh-cheannsa choidhche airís liom nó beidh deireadh lé n-ár gcaradas: neamh-shéimh. Ná bí chómh neamh-cheannsa san leis, is ná tabharfá cabhair shiubhalóide dho, is eól duit go bhfuil sé ina chréachtaidhe anuas ar an dtalamh: neamh-chineálta: do-chroidheach. Ná bí neamh-cheannsa leis an leanbh, tabhair do na rudaidhe beaga suaracha a theastuigheann uaidh: neamh-thláith: neamhfhonn a shásaimh.

neamh-chineálta: *a.n-dh.* neamh-chneasta, neamh-chaoin, dochmamhail roim obair. Fear neamh-chineálta lé n-a mhnaoi: a bhíos goirgeach, sclamhach léi: ná tugann an déanamh di is dualgas do do thabhairt. Do bhíodh sé neamh-chineálta leis gach aon ainmhidhe a bhí aige, a rian ortha, bhídís léirighthe tar éis an dubh-luachair: ní thugadh sé a gcion lé n-itheadh dhóibh. Capall neamh-chineálta lé hobair seadh é - tugann sé mórán clampair dom: ní ghabhann go mín ná go sochma léi: cuireann 'na coinne.

neamhdha: *a. n-dh.* ag baint lé neamh, suidhte ar neamh, áluinn. An tAthair neamhdha. An chathair neamhdha: na flaithis. Áit neamhdha é seo, mhairfinn mo shaoghal ann: fíor-áluinn. Smaointe neamhdha a bhíos ag an bhfíréan duine sin: smaointe diadha.

neamh-dheas: *a.* neamh-dhathamhail, gránda, neamh-chuibhe. Is neamh-dheas an rud bheith ag eascuinghe, go mórmhór os cómhair ban is leanbh: gránda, borb. Lá neamh-dheas ar farraige dob eadh é, bhí sé an-scallaoideach: neamh-thaithneamhach. Bróga neamh-dheasa, droichghréasaidhe a dhein iad: neamh-chúmtha. Is neamh-dheas liom mar labhrair, ag tromaidheacht ar dhaoinibh ná bíonn láithreach: neamh-thaithneamhach. Budh dhathamhail an bhean í mara mbeadh an tsrón neamh-dheas atá uirthi, fada, trom: srón ná tagann leis na ceannaghthaibh. Baile neamh-dheas múchta thíos i gclais: gan pioc áilneachta. "An nglacfadh sé cuireadh, dar leat?" – "níor neamh-dheas leis sin": is é a ghlacfadh.

neamh-dheóin: *b.3.* ceal nó easbhaidh tola; neamh-fhonn. Teóra níl leis an neamh-dheóin a bhíos ag leanbhaidhibh áirighthe dul ar scoil: leisce agus formad roimpe. Dem neamh-dheóin d'árduigheadar leó me amach as an dtigh: i gcoinnibh mo thola.

neamh-dheónach: *a.* neamh-thoilteanach; righin; neamhfhonnmhar. Neamh-dheónach go leór a tháinig sé, ag tabhairt an uile leath-scéal uaidh: go righin, mall, neamh-fhonnmhar. B'é budh neamh-dheónaighe dhíobh an áit d'fhágaint fiú amháin is an tigh fé bharr lasrach: budh lugha go raibh fonn air.

neamh-dheórach: *a.* gan bheith ag gol, neamh-bhrónach, neamh-bhraonach. B'í a bhean féin an bhean budh neamh-dheóraighe ar a thórramh: is lugha a ghoil, a shil deóra:

neamh-bhrónaighe. Tá an soitheach neamh-dheórach go maith anois tar éis na n-íotaidhthe: ní mór ná go bhfuil diúgtha.

neamh-dhiadha: *a. n-dh.* faillightheach i nDia, neamh-eaglach roim Dhia; gan adhradh do thabhairt do Dhia; éagcraibhtheach. "Óir d'fhuilng Críost bás ina am féin ar son na ndaoine neamh-dhiadha an t-am do bhíomair fós anbhfann" (Rómh. V. 6): dóibh seo nár adhraidh Dia. "Agus más ar éigean shaorthar an fíréan, cá háit a dteasbáinfidh an duine neamh-dhiadha agus an peacach é féin" (1. Peadar IV. 18): an duine malluighthe ná fuil cuimhneamh ar Dhia aige. "Chun breitheamhnais do dhéanamh ar na huile dhaoinibh, agus d'imdheargadh gach a bhfuil neamh-dhiadha ina measc ar son na n-uile ghníomhartha neamh-dhiadha do rinneadar go neamh-dhiadha agus ar son gach uile drochfhocal dár labhradar na peacaigh neamh-dhiadha ina aghaidh" (Iúd. I. 15): míochráibhtheach, malluighthe, gan cuimhneamh ar Dhia: nár adhar Dia. Monuar! chaitheas an domhnach go neamh-dhiadha, ag saothar go neamhriachtanach: in aghaidh dlighe Dé: go neamh-mheastamhail air.

neamh-dhiadhacht: *b.3.* neamh-adhradh Dé; neamh-ghéilleadh do dhlighthibh Dé; mímheas ar Dhia; malluightheacht. Dóghadh an dá chathair ó neamh lé n-a neamh-dhiadhacht: ar easbhaidh géillte do reachtaibh Dé: lé malluightheacht is draostacht a bpeacaidhe. Is mithid dom éirghe as mo neamh-dhiadhacht agus iompódh ar Dhia: neamh-dhílseacht do Dhia. Paidear ná cré ní abrann sé lé neamh-dhiadhacht: easbhaidh díoghraise do Dhia.

neamh-dhleaghthach: *a.* neamh-cheaduightheach dréir dlighe na talmhan, neamh-cheart, neamh-chomhthromamhail, coiscthe, bréagach. Tráthanna ann is tá sé neamh-dhleaghthach tighthe tábhairne bheith ar oscailt: tá an dlighe ina choinnibh: coiscthe. Tá sé neamh-dhleaghthach dúinn cuid dhuine eile do thógaint gan a chead: neamh-cheart: in aghaidh na dlighe. Airgead neamh-dhleaghthach aon airgead ná clóidhtear i gceárdchain an stáit: neamh-cheaduighthe é a rith. Neamh-dhleaghthach bradáin d'iascach nó guna d'iomchar gan cheadamhnas: i gcrois na dlighe. Rud neamh-dhleaghthach cos do chur fé imreóir i gcluiche: i gcoinnibh na riaghalach: neamh-cheart: neamh-chóir.

neamh-dhleaghthacht: *b.3.* neamh-cheaduightheacht, neamh-cheart, coisctheacht, bréagacht, cosc. Seirbheáladh é lé neamh-dhleaghthacht dighe do dhíol i rith tráth coiscthe: gan chead ná ughdarás na dlighe. Neamh-dhleaghthacht an airgid bhréagaigh do chur ina rith: é do bheith in aghaidh na dlighe. Cuireadh de chródh na himeartha é lé neamh-dhleaghthacht duine do bhualadh: é do bheith i gcrois na riaghlach: gan é do bheith lamhálta.

neamh-dhlistineach: *a.* neamh-dhleaghthach; neamh-cheart; neamh-fhírinneach, toghartha. Aon rud atá aige, is ní hé an bheag-chuid é, is go neamh-dhlistineach do shaothruigh sé é: go cam: i gcrois na dlighe. Sid é mo mhac neamh-dhlistineach: toghartha: nár saoghaluigheadh trí phósadh. Mórán airgid neamh-dhlisteanaigh ar siubhal, táthar ag bualadh airgid seachas i gceárdchain an stáit: airgead ná fuil cead na dlighe leis. Bheadh sé neamh-dhlistineach agat, déarfainn, fínéacht gan iarraidh do thabhairt a dhaorfadh duine gurb é do thuairm go ndeárna sé an ceart: claon: taobhach, neamh-chóir.

neamh-dhlisteanacht: *b.3.* neamh-dhleaghthamhlacht, i gcrois na dlighe, neamh-chomhthrom, bréagacht. Ghearán sé i dtaobh neamh-dhlisteanacht an airgid is ní ghlacfadh é ar eagla na dlighe: neamh-dhleaghthamhlacht: nár bh'é an stát a dhéin é cé gur bh'é buinn an stáit a bhí clóidhte ortha. Shaoghaluigh sé seisear neamh-dhlisteanacht: nár geineadh fé chuing pósta. Ná déin choidhche neamh-dhlisteanacht bheith ar chruinniughadh a bhíos i gcrois na dlighe: neamh-cheart nó conntabharthach dréir na dlighe. Neamh-dhlisteanacht mo bháid d'árdach leis gan mo chead: mí-cheart: ceal ughdaráis uaim.

neamh-dhóchas: *f.1.* ceal dóchais, muinghine, ceal súl, coinne go dtárlóchadh rud áirighthe budh mhian lé duine amach. "Connus brathair an aimsir seo, a chara?" – "ní bhrathaim ach an neamh-dhóchas, mo ghradhain me, gan choinne gan súil agam lé cabhair ná cóngamh anoir ná aniar": ar aiste aigne ná tárlóchadh aon rud a fhuasclóchadh ó n-a bhroid é. B'fhearr do bheadh sé go mór is go fada gan aon neamh-dhóchas do bheith air ná go raghadh i bhfeabhas: ceal meisnigh is muinghine. Táim i neamh-dhóchas a mhaireachtana, an drochchrot air: níl súil ná coinne agam ach go bhfaghaidh bás.

neamh-dhóchasach: *a.* gan muinghin go dtárlóchaidh aon rud chun na maitheasa. Is é fear breóidhte is neamh-dhóchasaighe as féin é dár bhuail riamh liom: aon tsúil níl aige go dtéarnóchaidh sé. Níl an namhaid aon phioc níos neamh-dhóchasaighe go mbuaidhfidh an cogadh anois ná bhí sí i dtosach cé go bhfuil ag cailleamhaint an uile lá: súil láidir aice go mbuaidhfidh. Is fada me neamh-dhóchasach as mar nách féidir obair ná gnóth do bhaint as: gan súil lé n-a dhul chun cinn.

neamh-dhóigh: Cé go raibh a fhios agam gur neamh-dhóigh é dul ag lorg air do chuadhas ina threis: duine nár chosamhail go mbeadh aon rud dá bharr agam.

neamh-dhúthracht: *b.3.* neamh-dháiríre, faillighe, neamh-dhílseacht (do), neamh-shuim, neamh-chúram, réadh-chúis; beag-bheann, fuaireacht; neamh-chorrabhuaiseacht. An neamh-dhúthracht chéadna choidhche ná tiocfadh ar thuairisc do mháthar boichte i ndeireadh a saoghail thiar: ceal nádúra mic dá mháthair: na mothála budh dhual do. Níor mhaith liom bheith ag brath ar a neamh-dhúthracht dá mbeireadh aon chruadhtan mór orm: neamh-dhílseacht chun claoidhte is cabhartha liom. Is minic agus is lán-mhinic do gheall sé a chabhair dom, ach leis an neamh-dhúthracht riamh níor thóg sé a lámh ar mo shon: neamh-dhílseacht: ceal bheith i ndáiriribh: gan bheith suidhte, suimeanta an nidh sin do dhéanamh. Níl aon rud chun aithbheódhachtaint na Gaedhealainge do chosc ach ár neamh-dhúthracht féin: faillighe agus neamh-shuim de dhruim neamh-dhíoghraise: neamh-dhícheallacht chómhnaidhtheach. An neamh-dhúthracht chun aon ruda a bhíos idir lámhaibh aige a ghaibheann tríom, moille, neamh-aire, neamhshuim ann: neamh-chlaoidhteacht agus neamh-chur leis.

neamh-dhúthrachtach: *a.* neamh-scleóndrach, faillightheach, neamh-dhíoghraiseach, neamh-chineálta (do); neamh-dhícheallach, neamh-shaothrach, neamh-imshníomhach. Clann neamh-dhúthrachtach iad uile: nár thug an chabhair ná an cineáltas dá muinntir a bhí ag dul dóibh. Oibrigheann sé, ach is go neamh-dhúthrachtach é, luid thar a dhualgas

ní dheineann agus san féin go lom: neamh-dhícheallach: ní bhíonn spirid, fuinneamh ná a chroidhe ina chuid oibre. Duine neamh-dhúthrachtach ná tiocfadh chun do chónganta nuair bheadh broid oibre ort: gan aon nádúir cheart ann. Ná bí neamh-dhúthrachtach id chuid oibre nó tabharfar fé ndeara thu is aon árdughadh tuarastail ní bhfaghair choidhche: faillightheach: amalach. Ní ghuidhir chun Dé ach go neamh-dhúthrachtach: ní bhíonn do chroidhe léd phaidir: neamh-dhíoghraiseach: gan é a mhothóilt go dian. Dá mbeifeá gan bheith chómh neamh-dhúthrachtach ar theacht abhaile ní imtheochadh gach éinne uait: neamh-imshníomhach: neamh-thinneasach.

neamh-dhána: *a.n-dh.* neamh-mheisneamhail i gconntabhairt; eaglach nó faitchíosach in uain chonntabharthach, neamh-shuimeanta, támáilte, scáinteach. Cé go bhfuil sé cródha agus ina mharaidhe mhaith bíonn sé neamh-dhána ar an bhfarraige: ní maith leis bheith dian ná dul i gconntabhairt gan ghábhadh. Nách neamh-dhána an buachaill tu ná druidfeadh aníos ameasc na gcuideachtan, budh dhóigh leat gur duine deóranta thu: scáinteach: gan fonn ort thú féin do thabhairt lé feicsint. Capall é sin go mbeinn neamh-dhána as, ní maith liom na feádhanna a bhíos fé, uaireanta: ná cuirfinn chun oibre cruaidhe, nó bheith ag brath air dá mbeireadh aon ghreim air. Cailín neamh-dhána í ná cloistear istigh ná amuigh: támáilte: scáinteach: cúthaileach. Nách neamh-dhána an leanbh é ná tógfadh oiread is ubhall uait: támáilte roim dhaoinibh dheóranta. Is neamh-dhána liom thu ag éileamh do choda féin: táir an-mhall ghod chur féin in iúil.

neamh-dhánaidheacht: *b.3.* neamh-mheisneamhlacht, neamh-chorráiste, faitchíosacht ar uain guaise, támáilteacht, scáinteacht, cúthaileacht. Níor ghábhadh an neamh-dhánaidheacht in ao'chor, b'fhearr leis an bhfear úd go n-iarrfá go daingean an nidh a bhí uait ná do cheann do bheith fút agat: scáinteacht: ceal corráiste. Chasadar i dtalamh lé neamh-dhánaidheacht tabhairt fén bhfarraige a bhí mós garbh: b'fhearr leó gan dul ródhian ar eagla í bheith baoghalach. Ní thiocfadh sí thar doras dá ndéininn greamanna dhi lé neamh-dhánaidheacht: nár mhaith léi bheith buannamhail ar thigh iasachta. Trí neamh-dhánaidheacht is iomdha cao mhaith caillte aige ar dhul chun cinn: trí cheal muinghine as a fheabhas nó a oireamhnaighe.

neamh-eagla: *f.4.* easbhaidh eagla, scáinteachta; meisneach. Ní féidir an neamh-eagla do bhaint de, is cuma cá conntabhairt a bheir air nó cá minic. Chodlóchadh sé anuas ar an uaigh tríd an oidhche lé neamh-eagla: gan faitchíos roim thaidhbhsidhibh, púcaidhibh ná spioradannaibh: easbhaidh mothála baoghail. Nách mór an neamh-eagla roim Dhia é nár leig sé é féin d'ullamhughadh chun báis: neamh-mhothóilt aigne roim chonntabhairt, mío-ádh, tinneas, etc. a bheadh ar tí teacht. An neamh-eagla a fhág ar an bhfán é, chómh dána san gur thug sé rud ná raibh aon dul aige air: ceal mothála mío-áidh do bheith os a chionn. Is ar chlainn an tighe sin atá an neamh-eagla, déinid a rogha rud gan iad do cheartughadh ná do smachtughadh: gan faitchíos roim smacht.

neamh-eaglach: *a.* neamhscáinteacht, meisneamhail. Labhair sé go neamh-eaglach, aon rud a bhí ina chroidhe scaoil sé amach é: go dána, gan cuimhneamh air cad do thiocfadh air féin dá chionn. Bíonn sé an-neamh-eaglach san oidhche, budh leis bheith amuigh go maidean: neamh-uaigneach roim phúcaidhibh. Capall neamh-eaglach é sin, ní bhuailfeadh ná ní dhéanfadh aon chrosa eile: nár ghábhadh faitchíos do bheith roimis. Lá

neamh-eaglach farraige seadh é, ciúin gan ghaoth: nár ghábhadh bheith faitchíosach go n-éireóchadh aonnidh olc do dhuine.

neamh-easbhaidh: *b.2.* neamh-cheal, neamh-chall, neamh-ghábhadh, dóthain, flúirse. Is é an tigh a chonnaic an neamh-easbhaidh, togha agus rogha gach ruda ar bórd aca: ná raibh aon rud ag teastáil uatha. Is mór an neamh-easbhaidh a bhí air agus billidhe púint do bhronnadh ar éinne a bhíodh ina ngábhadh: an fhlúirse. Bliadhanta na gorta in Éirinn is fíor-bheagán go raibh neamh-easbhaidh ortha: a ndóthain aca chun iad féin do chothughadh go maith.

neamh-easbadhthach: *a.* flúirseach, gan cheal, iomlán, go maith as. Maoidhid go bhfuil dúthaigh neamh-easbadhthach aca, go bhfuil gach rud ag fás innte a theastuigheas uatha agus gach mianach sa talamh: tír shaidhbhir. Sin scéal neamh-easbadhthach anois, críochnuighthe amach, is nách féidir locht d'fhagháil air: gan aon rud "ar sileadh" leis: é iomlán. Long neamh-easbadhthach i gcóir a turasa: gach aon tsaghas lóin innte go mbeadh riachtanas leis. Maidir lé cosaibh de, do fágadh neamh-easbadhthach thu: cuireadh cosa móra ort. Beidh do ghort neamh-easbadhthach maidir lé síol: beidh go leór leór de ann. Táir neamh-easbadhthach ar bhaoitidhibh iascaigh: do leór-dhóthain díobh agat. Budh leór dom duine fíor-bhocht do bheith coimeádtach ar a phinginidhibh beaga airgid ach fear neamh-easbadhthach: go bhfuil flúirse aige.

neamh-eólach: *a.* dall, gan fios: neamh-choidreamhach. B'iongadh go deimhin mara raghadh sé amudha ann is é neamh-eólach ar an áit: gan fios na slighe aige. Táim chómh neamh-eólach ar an nduine sin is táim ar an té ná feaca riamh ná scéala uaidh: dall air: gan fios agam cé hé, ná aon rud a bhaineas leis. Neamh-eólach ar an áit is ar na daoinibh: gan a luighead feasa ina dtaobh. Duine neamh-eólach: dall gan fios.

neamh-eolach: *f.1.* duine gan fios ar nidh áirighthe, dall, neamh-choidreamhach. Neamh-eolach ar a lia rud me, níl ceárd agam ná deas-lámhaigheacht ionam: chómh tuigseanach san is gur féidir liom iad do dhéanamh. Neamh-eolach ar Laidin seadh me: nílim ábalta ar a léigheamh, a labhairt, a scríobh ná tuigsint.

neamh-eólas: (**neamh-eolas, neamh-eólgas, neamh-eolgas**) *f.1.* ceal eólais, daille. Táim ar neamh-eólas, táim deimhnightheach, níl aon chómhartha le feicsint d'aithneóchainn: amudha. Neamh-eólas a chuir an bád ar an gcarraig: ceal feasa agus taithighe ar an mball. Ní haon neamh-eólas a tháinig liom ach neamh-aire: ceal feasa cá ngeóbhadh sé. Fágadh i neamh-eólas báis a athar é toisc é do bheith chómh breóidhte: níor innsead do go raibh sé marbh.

neamh-eólach: (**neamh-eolach, neamh-eólgaiseach, neamh-eolgaiseach**) *a.* gan eólas, dall, dorcha, gan fios. Ní fhéadfainn cos ná lámh do chorruighe chun a chabhartha, bhíos neamh-eólach ar cad budh cheart dom do dhéanamh: dall: ní fheadar an ceart ón mí-cheart. B'é toil Dé connus mar thug sé an long isteach 'on chuan chonntabharthach is é neamh-eólach ar an slighe: gan fios an bhealaigh chirt. Tá sé neamh-eólach ar an ngnóth fós, ní fada ag gabháil do é: níl tuigsint iomlán aige ar gach rud a ghaibheas leis: níl sé

múinte fós. B'é budh neamh-eólaighe a sheasaimh riamh laistigh de chonntabhairt siopa é agus a rian air, ní fada a mhair sé ann: ceal tuigseana connus díol is freastal.

neamh-fhabhrach: *a.* neamh-chineálta, neamh-thaobhach, neamh-bháidheamhail, neamh-éascaidhe, neamh-oireamhnach, neamh-thairbheach, neamh-shásamhach. Ó bhí an ghaoth neamh-fhabhrach dob éigean dúinn rámhaidheacht: gan bheith ag séideadh as áird go bhfeadfaimís tairbhe do bhaint as an seól. Riamh tá sé neamh-fhabhrach liom, ní raibh riamh ar mo thaobh: im choinne: neamh-thaobhach. Aon fhocal ní labharfaidh ar ár son, beidh sé neamh-fhabhrach: neamh-bháidheamhail: aon chabhair ní bhfagham uaidh. Scrígh an cigire cúnntas neamh-fhabhrach ar obair na scoile, ag cáineadh na slighe go raibh adhbhair léighin áirighthe dhá mhúineadh innte: neamh-shásamhach, ag dí-mholadh na múinteóireachta. Bhí an uain neamh-fhabhrach chun scaoilte fé abhaile, clagarnach bháistighe ann is gála gaoithe, is chinneamair ar fhanacht go maidean: taobhach, éascaidh. Loirg sé iasacht orm, agus thugas freagra neamh-fhabhrach do: an freagra nárbh áil leis: ná faghadh sé an nidh a bhí uaidh.

neamh-fhaillighe: *b.4.* cúramacht, dícheallacht, aire. Gach aonnidh curtha i dtaisce aige sara dtosnuigheann neach eile sa cheanntar, sin í an neamh-fhaillighe agat: an dícheallacht thar barr: an críochnughadh: an aire agus an cur chun cinn. Bíodh a bhuidheachas ar an neamh-fhaillighe a tugadh ann gur mhair sé, mar is é a bhí i gconntabhairt a bháis: an aire agus an fhriotháilt thar barr.

neamh-fhaillightheach: *a.* aireach, dícheallach, friothálach. Duine neamh-fhaillightheach é siúd, ná bíodh eagla ort go gcuirfidh sé mórán moille ort: dícheallach chun ruda do dhéanamh. Bí neamh-fhaillightheach is ná fág aon rud ar bóiléagar tímcheall annsan: aireach: friochnamhach. Bím chómh neamh-fhaillightheach ar mo ghnóth agus is féidir liom agus fós imthigheann dearmhadaidhe orm: aireach. Stad ní néann sé choidhche go mbíonn deireadh déanta, tá sé chómh neamh-fhaillightheach san: friothálach: seachnach ar mhoilliughadh.

neamh-fhíor: *a.* gan bheith fíor; bréagach. Cuireadh ina leith gur ghoid mórán airgid, ach cúis neamh-fhíor dob eadh í, mar do cruthuigheadh ina dhiaidh san: bréagach. An fíor nó neamh-fhíor go bhfuilir ar tí sinn d'fhágaint: an fhírinne nó bréag é.

neamh-fhírinneach: *a.* bréagach, gan an fhírinne, neamh-dhíreach, neamh-cheart. Scéalaidhe neamh-fhírinneach é nách ceart faic do chreideamhaint uaidh: nách féidir iontaoibh ná muinghin do chur in aon rud a deir sé. Sin slat atá neamh-fhírinneach: ná fuil ceart beacht dréir déanaimh. Tá roth an rothair neamh-fhírinneach: níl sé ag gluaiseacht go beacht dréir déantúis an rothair.

neamh-fhonn: *f. n-dh.* neamh-thoil rud do dhéanamh, neamhthoilteanacht; neamh-mhian, neamh-éileamh, neamh-chaitheamh i ndiaidh; mío-dhúil; ceisneamh (roim, leis). Is amhlaidh mar atá agam go bhfuil fonn is neamh-fhonn orm teacht libh: i gcás idir dhá chómhairle: rud éigin ghom spreagadh chuige is rud eile ghom staonadh. Pé rud atá ag teacht liom tá neamh-fhonn mór bídh orm: neamh-éileamh: gan mian ithte. Is furaiste lé neamh-fhonn leath-scéal d'fhagháil: an neamh-thoil ní deacair léi cuimhneamh ar rud

éigin a shaorfadh ó mhilleán í. Cuireann do chuid cainnte neamh-fhonn orm corruighe más fíor go bhfuil an áit chómh heaglach san: cuireann sí staonadh tola orm. Ní bheadh aon neamh-fhonn air siúd do chuid do chúbláil chuige ar a luighead cao a gheóbhadh sé: bheadh ar sciobadh chuige. Níl aon neamh-fhonn bóthair orm-sa má leigtear liom: leisce ar bith. Is ort atá an neamh-fhonn chun Dé: is tú ná fuil ag déanamh puinn ar son t'anama.

neamh-fhonnmhar: *a.* neamh-éascaidh, neamhthoilteanach, neamh-éilmhear. An duine is neamh-fhonnmhaire annso chun aon nidh do dhéanamh, i gcoinnibh a chos a néann sé dada: gan dúil, leagadh ná caitheamh aige leis. Go neamh-fhonnmhar d'éirigh sé agus chuir fáilte rómham: leisceamhail, leasc. Bheinn neamh-fhonnmhar ar é do cheannach ar an airgead san gan an margadh do bhreithniughadh go maith ar dtúis: mall. Is minic gur fearr bheith neamh-fhonnmhar 'ná róphiaclach: an iomad den tsainnt a ghníos díoghbháil dhuine uaireanta.

neamh-fhuaimeant: *b.3.* ceal céille, éifeachta, daingneachta, diongmhálachta, socrachta, taithigeachta. Is léd bhréithribh atá an neamh-fhuaimeant go ndéarfá ná fuil beann agat ar éinne: neamh-éifeacht: díth céille. Leagfar den gcathaoir sin thu, tá cos uaithe, tá neamh-fhuaimeant innte: neamh-shocracht: neamh-dhaingneacht. Budh mhór an neamh-fhuaimeant duit dul chómh fada ó bhaile ghá cheannach is ceann chómh maith leis i mbéal an dorais agat: ceal tuigseana: mío-thuigseanach. Níor dhein sé riamh ach rud lé neamh-fhuaimeant gan bhun leis: mar dhéanfadh duine neamh-eolach. Is mór go léir an neamh-fhuaimeant duit tor do thabhairt ar gach dailtín a thagas treasna ort: dith céille. Ar an neamh-fhuaimeant atá leis an slighe atá an peictiúir sin crochta ar an bhfalla tuitfidh sé: a neamh-dhaingneacht: gan a bheith curtha go feistighthe. Nuair rugas idir mo mhéireanntaibh air fuaireas árd-neamh-fhuaimeant is ar an mball d'aithnigheas go raibh sé rólag, ródhearóil: neamh-thaithigeacht: gan toirt, neart ná achmhaoin. Níor bh'aon iongadh gur bhris is gur bhrúigh é féin, bhlodh sé ag caitheamh airgid lé neamh-fhuaimeant, ag ceannach rudaidhe daora ná bíodh gnóth ar bith aige dhíobh, ag tabhairt cóisiridhe costasamhla uaidh etc.: go scléipeach, sconnabheartach. Tá do cheann lán de neamh-fhuaimeant is bheith ag tógaint tighe ar uain go bhfuil gach adhbhar is earra san aer lé daoireacht: díth céille is neamh-thuigsint.

neamh-fhuaimeantamhail: *a.* neamh-dhaingean, neamh-shocair, neamh-éifeachtamhail, neamh-bhríoghmhar, neamh-dhiongmhálta, neamh-thaithigeach, neamh-fhódamhail, neamh-bhunadhasach, neamh-tháithte, neamh-thacamhail. Bróg neamh-fhuaimeantamhail fém chois seadh í, níl go maith chun siubhalóide, ní thagann go cruinn ar an dtalamh: neamh-shocair. Tigh neamh-fhuaimeantamhail seadh é, ní bheadh aon iontaoibh agam ná gur anuas leis, féach na scoilteacha sa fallaidhibh tá a bhonn ar ghainimh: neamh-dhaingean, neamh-shocair. Budh neamh-fhuaimeantamhail an nidh don mhúinteóir gach re seadh do thabhairt dom gcigire nuair ghearán seisean ar theagasc na scoile: neamh-fhódamhail: díth-céille: neamh-bhunadhasach. Buillidhe neamh-fhuaimeantamhla ná deaghaidh ceann aca i luighe gaibhte ar an namhaid: neamh-bhríoghmhar: gan fuinneamh ná bríoghmhaireacht. Cainnt neamh-fhuaimeantamhail ná féadaim bun ná barr d'fhagháil léi: cliath dothuigse focal. Obair neamh-fhuaimeantamhail dul agus an tigh do thógaint sa chlais mhúchta san, áit ná fuil radharc ná aer: is aindeis do ceapadh an láthair do. Ná bí chómh neamh-fhuaimeantamhail sin is go scarfá ar malairt lé rud maith gan a fhios do

bheith agat go bhfuil a chómh-mhaith dhá fhagháil agat: amadántamhail. Nuair bhíonn braon fén bhfiacail aige déineann agus deireann rudaidhe neamh-fhuaimeantamhla a chuirfeadh náire ar a chéill air: rudaidhe aite gan bunadhas ná ciall leo. Budh neamh-fhuaimeantamhla dhuit go mór bheith ag tabhairt freagra air ná neamh-thor an táthaire: neamh-éifeachtamhla. Tá an claidhe neamh-fhuaimeantamhail, seachain ná tuiteadh sé fút: níl sé taithigeach, daingean. Chómh neamh-fhuaimeantamhail lé gealbhán gleóidh nuair baintear chun feirge é: neamh-fhódamhail: gan ruthag, gan faidtheadhlacht.

neamh-fhagháil: *b.3.* gan fagháil, neamh-shroichstint. Cuarduigh an baile ó thóin go ceann do phlúr bán agus is é a mbeidh agat as do dhuadh an neamh-fhagháil: teip. Is iomdha rud go bhfuil neamh-fhagháil air toisc an chogaidh: nách féidir d'fhagháil ar chumha ná ar chleas. Loirgeas gach poll agus póirse dhom sciain atá ar neamh-fhagháil lé seachtmhain 'sa tásc ná tuairisc ní bhfuaireas: amudha. Neamh-fhagháil a dhóthana bhídh d'fhág chómh lom seirgthe é: easbhaidh.

neamh-fhagháltaiseach: *a.* neamh-thairbheach, neamh-shochrach, neamh-mhaoineach, gan roinnt nó cuid de rud éigin go mbítear ar a thóir. Lá neamh-fhagháltaiseach farraige againn é .i. ní rugamair ar iasc: nó ní raibh oiread againn agus chúiteóchadh ár sclábhaidheacht. Beatha neamh-fhagháltaiseach do dhuine bheith ag brath ar lá fáin oibre ós na cómharsanaibh: neamh-thairbheach: fíor-bheagán a bhíos dá bharr. Ní nách iongadh, ní neamh-fhagháltaisighe dhuit bheith suidhte ar do shocracht 'ná beith ag obair (searbhas): ní neamh-thairbhighe .i. táir ar do thoil féin.

neamh-fhagháltas: *f.1.* ceal maoine, sealbha, gan suim nó adhbhar d'aon rud. Tamall, budh ghustalach, neamh-spleádhach an fear é, anois níl aige ach an neamh-fhagháltas: fíor-bheagán ina sheilbh. D'fhilleadar ó bheith thar lear leis na bliadhantaibh buana d'iarraidh saidhbhris do dhéanamh is gan aca ach an neamh-fhagháltas: teirce maoine. Táim ar an neamh-fhagháltas mar is gnáthach liom: ar an gcaol-chuid. Níl ann ach neamh-fhagháltas duit bheith ag obair ar an stéig olc thalmhan san: bochtanacht: fíor-bheagán sochair. D'iarraidh maireachtana ar neamh-fhagháltas ó cheann ceann na bliadhna: ar shochar bheag. Sin é an neamh-fhagháltas atá ag daoinibh as a gcuid airgid i gcómhchodaibh toisc an chogaidh: sochar nách fiú a áireamh.

neamh-fhoidhne: *b.4.* neamh-fhulang, péine, iomaird, díbhfeirge, gríosuighthe, éirim gan fanacht gan gearán agus gan bruic go ciúin, sochma lé; moill ruda go mbíonn súil ag duine leis agus gur b'áil leis a thárlachtaint; mío-ruthag. An neamh-fhoidhne a fhág ar lár é, dá bhfanadh sé socair réidh gheóbhadh amas ar an mbealach do chur de ach in ionad san sháthaidh isteach i gcuilithe droch-uanach ann is báthadh é: ceal faidhtheadhlacht, fanamhna lé lon. Ná bíodh "téanam", "téanam" it bhéal gach aon nóimint, nách mór an neamh-fhoidhne atá ort: mío-ruthag, deabhadh thar meón gan ghábhadh. Ní fhéadfainn gan neamh-fhoidhne do theacht orm is me na tráthanna ag feitheamh leis is gan é ag teacht: neamh-chumas aigne fulang lé n-a thuilleadh moille. Tógadh an fheóil den dteine sara raibh sí bruithte, leis an neamh-fhoidhne: ní leigfeadh an aigne dhóibh.

neamh-fhoidhneach: *a.* imshníomhach, do-fhulaingtheach, cráidhteach, colgach, neamh-shuaimhneasach, ceisneamhach. Duine neamh-fhoidhneach ná héisteóchadh lé deireadh

do scéil gan treasnaghail nó cur isteach ort: gan fulang éisteacht aige: deithineasach chun labhartha. Bíonn sé an-neamh-fhoidhneach liom: mío-shuaimhneasach, gearánach, ceisneamhach ar na nidhthibh do dhéinim. Bhíodar an-neamh-fhoidhneach leis an ndochtúir is bruid leis toisc ná raibh sé ag teacht: imshníomhach, ceisneamhach, mío-shuaimhneasach. Beir fada anois air is tiocfaidh gach nidh ina cheart, ná bí chómh neamh-fhoidhneach: neamhshuaimhneasach it aigne: mío-shásta. Cé ná beadh neamh-fhoidhneach liom chun na fírinne d'innsint ar an bhfaillighe do dhéinim im chuid oibre: neamh-shásta lé bruic liom. Gluaisimís, duine neamh-fhoidhneach é siúd, b'fhéidir go n-imtheóchadh, is go bhfágfadh ar an mbóthar sin: ná féadann gabháil lé moill. Béarfair air, níl an biadh ag teicheadh in ao'chor uait, ná bí chómh neamh-fhoidhneach chun ithte: deábhfrach chuige. Bhíomair an-neamh-fhoidhneach, an oidhche ag dul thar druim is gan ár gcomrádaidhthe ag filleadh: imshníomhach, eaglach iad do bheith caillte.

neamh-fháilte: *b.4.* ceal fáilte, ceal áthais. Is roim an bhfliuchán do bhíonn an neamh-fháilte agam, mar méaduigheann sé na dathacha orm: is me ná cuireann sé aoibhneas croidhe orm. Deireadh aige dul 'on tigh chéadna, an turus deireannach a bhí sé ann ní bhfuair ach an neamh-fháilte: doicheall: easbhaidh foillsighthe áthais is lúthgháir dom fhiadhnaise. Is dom a bhí an neamh-fháilte áis do bhaint as an rothar: an doicheall: ceal fonn a áise do thabhairt lé toil. Baile na neamh-fháilte: baile ná bíonn áthas ná sásamh ortha daoine do theacht. Níl aon neamh-fháilte agam-sa dhuit do thuairmidhe féin do bheith agat agus claoidhe leo: maidir lém chuid-se den scéal bídis agat.

neamh-fhairsing: *a.* cumhang, caol, neamh-fhlúirseach, neamh-fhial. An bhróg beagán neamh-fhairsing dom, is budh mhór an truagh é: cumhang dom chois. Béal neamh-fhairsing ar an gcuan, is deacair do loingeas gabháil thar n-a chéile ann: cumhang, caol. Tigh neamh-fhairsing gur beag fáilte a bhíos ann ná biadh ar bórd ann: doichilleach, neamh-fhial. Nach neamh-fhairsing a dhein an táilliúir do chasóg: sciotuighthe: gan dóthain éadaigh dod thoirt innte. Baile neamh-fhairsing ár mbaile-ne: gan breis talmhan ag dul lé gach faghál tas. Is go neamh-fhairsing do bhuadhais: ní rabhais mórán chun cinn.

neamh-fháiscighthe: *a.r.* neamh-fheistighthe, neamh-dhlúithte ar a chéile, neamh-ghreamuighthe, neamh-ghasta, neamh-dhaingean. Nách iad na leanbhaidhe neamh-fháiscighthe iad: neamh-ghasta: gan a gcuid éadaigh i gcóir cheart ortha. Bean neamh-fháiscighthe tímcheall an tighe: neamh-ghasta: ná bíonn rudaidhe – áruistidhe etc., cóirighthe go glan so-láimhe aice. Thuit an soitheach as a chéile, mar bhí na fonnsaidhe neamh-fháiscighthe air: bog: gan iad dlúth, greamuighthe. Dá mbeinn chómh neamh-fháiscighthe leat ar gach cuma do bheadh dearg-náire orm, féach an tslighe atá do bhórd, do leabhartha, do pháipéir!: gan riar, gan deallramh: neamh-ghasta, neamh-chríochnamhail. An doras neamh-fháiscighthe sin do leathfadh sé na cait: é déanta go holc agus crochta go holc.

neamh-fháscadh: *f.* (*-ctha*) neamh-theannadh, neamh-dhlúthughadh, neamh-ghreamughadh. Thuit an beartán as a chéile, 'sis é sin neamh-fháscadh do tugadh air: ceal ceangailte. Tá m'éadaighe cnis as an sileadh, mar nár thugas ortha ach an neamh-fháscadh: níor teannadh an t-uisce asta. An bhfuil aon náire ort bualadh amach ameasc na ndaoine is an neamh-fháscadh atá ort?: gan do chuid éadaigh cóirighthe socair ort mar

budh cheart: neamh-ghastacht. Indiu tá breis neamh-fhásctha ón bpian air: níl sé ag luighe chómh dian air agus do bhí.

neamh-fhaoiseamh: *f.1.* neamh-fhuascailt, neamh-staonadh. An neamh-fhaoiseamh céadna air lé seachtmhain, gach aon scread aige lé pian is tinneas: gan maolughadh ar a ghearán. Iomard neamh-fhaoisimh orm, gan aon lagadh air chugham: ná staonaim leathuairín.

neamh-fhás: *f.1.* gan fás, méadughadh, breis. Connus eile do bheadh ach neamh-fhás ar a chuid airgid nuair chaitheann sé chómh laimhthighiseach san: gan breis ná méadughadh. Tháinig an neamh-fhás leis, sin é fáth é do bheith chómh truaillighthe: ceal méaduighthe: easbhaidh aoirde is téagair. Budh mhór an neamh-fhás coirce é ná tháinig ruibe leis an spalladh triomaigh: meath teachta etc. Ina óige dho scannruigh a mháthair ná beadh toirt ná scrothaidheacht ann ar an neamh-fhás a bhí fé, ach i ndeireadh dála sé fás an éin ghé tháinig fé, gur dhein fear groidhe dhe. Nách é a dhein an neamh-fhás 'e bhreis ar an gcuid eile den gclainn: ná deaghaidh aoirde, téagar ná toirt: mar mheath sé.

neamh-fhásta: *a.r.* gan bheith fásta, borrtha ina ghnáth-thoirt nó dréir a nádúra. Fear neamh-fhásta: fé bhun na gnáth-thoirte. Ná bain na prátaidhe neamh-fhásta san: ná fuil aibidh. I dtosach do bhí sé chómh neamh-fhásta san agus aos maith aige gur síleadh ná beadh righe ná rath go deo air: truaillighthe i dtoirt ná beadh méadughadh ná ádh fáis leis. Crainn neamh-fhásta iad san is deallramhach nách dual don áit iad: stalcuighthe.

neamh-fheabhas: *f.3.* ceal maitheasa, bisigh, fiúntais. Ar an neamh-fheabhas céadna choidhche dho, beidh sé ar leabaidh choidhche is baoghalach: neamh-dhul chun cinn. "Connus tá aige an aimsir seo?" – "ar neamh-fheabhas": gan bheith ar fóghnamh. Neamh-fheabhas a chuirfidh sé air uisce do chur tríd: déanfaidh sé máchail dá neart.

neamh-fheasach: *a.* do bheith gan eólas. Is neamh-fheasach me ar cad tá ag tárlachtaint, tásc ná tuairisc ní bhfuaireas: neamh-eolgach. Bhíos i bhfad 'si bhfad ró-neamh-fheasach ar ghnóth na hoifige is d'imthigh sí chun raice orm: dall: neamh-oilte. Tá cuid mhór léighte, léirighthe aige sin, níl sé chómh neamh-fheasach is mar budh dhóigh leat: gan teagasc is eólas.

neamh-fhéile: *b.4.* ceal féile, flúirse, fairsinge, oinigh, fialmhaireacht. Cad leis go mbeadh súil agat ó láimh na neamh-fhéile: an lámh ná síntear go minic ná go toirteamhail. Ní leigfeadh an neamh-fhéile croidhe dho deoch 'en uisce do thabhairt uaidh: an neamh-fhonn rabairneachta: sprionnlaitheacht.

neamh-fhéicheamhanta: *a. n-dh.* neamh-thráthamhail, neamh-phras in íoc; neamh-éascaidh; neamh-thoilteanamhail. Capall neamh-fhéicheamhanta seadh é, is ródheacair puinn do dhéanamh leis: neamh-choingheallach: neamh-fhonnmhar chun oibre. Go neamh-fhéicheamhanta tháinig sé linn is ní gan mórán tafanta: neamh-éascaidh: i gcoinnibh a chos. Is beag duine a thabharfadh aon rud ar cáirde dho, bíonn sé neamh-fhéicheamhanta lé díolaidheacht: neamh-thráthamhail: mall.

neamh-fhlúirse: *b.4.* teirce, sprionnlaitheacht, neamh-laimhthighis. Ní tú éinne amháin atá ag gearán ar neamh-fhlúirse airgid: gainne. Lé dícheall maith do gheóbhfá aon dlús té anois, tá an neamh-fhlúirse druidte linn: teirce, gainne. Déinidh annlann leis an arán, tá a neamh-fhlúirse orainn: gannchar. Ní fheicfeadh sé a chroidhe dá mbeadh ar a bhais aige, tá sé ithte gen neamh-fhlúirse: sprionnlaitheacht. Thabharfadh súd an léine anuas dá dhrom duit lé n-a neamh-fhlúirse: fairsinge is croidhe chun tabhartha. Fáth amháin lé luach mór ar mhucaibh a neamh-fhlúirse: gan puinn díobh do bheith ann. Chuirfeadh neamh-fhlúirse a chuid éadaigh ag gáiridhe na clocha glasa, tá sé chomh sciotuighthe, cumhang san ar a chnámhaibh: easbhaidh dóthana chun culaithe oireamhnaighe.

neamh-fhada: *a. n-dh.* gearr, gearr-aimsireach, geairrid. Is neamh-fhuascailt liom do bheir uainn: gearr: róluath a fhillfir. Turus neamh-fhuascailt do ghluaisteán, cad tá ann ach céad míle: ní mór an mhoill a thaisteal uirthi. Seo chughainn airís é, ní neamh-fhuascailt ó bhí sé againn cheana: níl mórán aimsire ann.

neamh-fhaobharach: *a.* gan faobhar, deabhadh, dícheall, bríoghmhaireacht, piacal. Ar ar bhuail riamh liom is tú is leisceamhla agus is neamh-fhaobhraighe chun gnótha: neamh-phiaclachaighe: gan a luighead fonn ná deithinis. Nách neamh-fhaobharach ataoi indiu agus b'annamh leat san: gan tapa, gan anam. Ghluais sé an bóthar go neamh-fhaobharach, chun ná tógfí aon cheann de, dá mhéid imshnímh a bhí air: gan iomad deabhaidh ná fuadar fé.

neamh-fháth: *f.3.* neamh-chúis, neamh-adhbhar, neamh-réasún. Ná tuig it aigne gur le neamh-fháth do labhras chómh goirgeach san leis: gan chúis mhaith. Neamh-fháth dhuit é do bhualadh: níor cheart duit. An lé neamh-fháth d'ionnsaigh an Ghearmáin an rúis dar leat?: adhbhar.

neamh-fhearas: *f.1.* droich-fhearas, -chóiriughadh, -fheistiughadh, -riar, -aiste. An neamh-fhearas iascaigh atá aige ní dhéanfadh iasc choidhche leis: fearas ná fuil i gceart, lag, olc, aosta, etc. Sé doras an neamh-fhearais é: gan feistiughadh mar oirfeadh do. Ná gaibh amach san neamh-fhearas san: leis an éadach ná hoireann: nó in ineall ná déanfadh an bheart. Bítear ag fagháil lochta ar a shaothar toisc a neamh-fhearas: droich-riar: droch-órd.

neamh-fhearastamhail: *a.* neamh-fheistighthe, neamh-chóirighthe, neamh-ghabhtha. Dóirse neamh-fhearastamhla ní hiongadh sioladh tríotha i bhfuacht na bliadhna: gan iad feistighthe go maith ná go ceart. Tighthe neamh-fhearastamhla is beag ag an ngaoith mhóir a bhfuadach: ná bíonn ar aiste mhaith, daingean. Long neamh-fhearastamhail conntabhairt i stoirm í: neamh-ghabhtha: gan í inneallta go fuaimeantamhail daingean, stóinsighthe. Ar an saghas so gabhála gan chasóg bháistighe, beannóg etc. bead neamh-fhearastamhail i gcóir na báistighthe: gabhtha in éide ná cosnóchaidh ar an sín me.

neamh-fheidhm: *b.2.* neamh-áis, neamh-adhmannas, neamh-chómhacht. Capall breágh óg aige agus is í an neamh-fheidhm do bhainfidh sé as: neamh-áis nó áis gan tairbhe. Is fada i neamh-fheidhm é, connus mhaireann sé is gan é ag tuilleamh faic: as adhmannas. Níl aon bhuile a thugas don rón cuthaigh nách i neamh-fheidhm air do chuaidh sé: níor

ghoill ceann aca air. Tá sé annsan sa leabharlann leis na bliadhantaibh gan oiread agus é d'oscailt, is é leabhar na neamh-fheidhme é: gan tairbhe ná áis do bhaint as.

neamh-fhiadhain: *a.* ciúin, mín, tíorachais. Déarfá má tá sé beagán garbh féin go bhfuil neamh-fhiadhain a dhóthain chun dul 'n-a leith ar muir: laguighthe anuas seachas mar bhí. Neamh-fhiadhain anois do ó baineadh obair as, ach níor mhar sin tamall do, do b'é a bhí go míneáireach, malluighthe: mín, socair, so-láimhsighthe.

neamh-fhreagarthach: *a.* neamh-oireamhnach, neamh-admhálach, neamh-chúnntaiseach, neamh-fhriothálach, neamh-fhéicheamhanta. Níl aon bhaoghal ná gur duine éigin san oifig a rinne an tuaiplis ach táid uile go léir neamh-fhreagarthach ann: neamh-admhálach gurb iad a dhein é. An eochair seo neamh-fhreagarthach don nglas, tá sí rómhór do: neamh-oireamhnach. Dá n-iarrfá air fiche míle uair rud do dhéanamh ort ar mhaithe leis féin gheobhfá neamh-fhreagarthach é, cor ní chuirfeadh sé dá bhuaraigh: neamh-fhéicheamhanta: do-ghluaiste. Ar ar bhuail liom im shiubhaltaibh is é is neamh-fhreagarthaighe dá chúram: neamh-fhriothálach. Talamh neamh-fhreagarthach ar aon tsaghas barra é: talamh ná tabharfadh. Pé duine go mbeadh freagarthach do bheir-se leat go mbead neamh-fhreagarthach duit-se: neamh-chúnntaiseach: ná tabharfad cúnntas, sásamh ná cúiteamh in aon rud a thuiteas amach, olc, maith nó donaidhe.

neamh-fhreagarthacht: *b.3.* neamh-oireamhnacht, neamh-admhálacht, neamh-chúnntasacht, neamh-fhriothálacht, neamh-fhéicheamhantacht. B'éigean dom scaramhaint lé duine aca toisc neamh-fhreagarthacht na beirte lé chéile, leath an lae ní réidhtighidís: neamh-oireamhnacht: ceal cómh-aonta. I neamh-fhreagarthacht san gcúram do cuireadh air agus é díolta go maith as agus a lait sé, budh bhun lé n-a ruagadh: neamh-admhálacht: ceal cúnntais do thabhairt ann. Neamh-fhreagarthacht na gaoithe b'é budh bhun le sinn do chur ag rámhaidheacht: neamh-oireamhnacht, neamh-fhabhar. Neamh-fhreagarthacht na gcléireach budh bhun leis an gcómhlucht do bhochtnughadh: ceal cómh-oibrighthe.

neamh-fhreagra: *f.4.* do-fhreagra, freagra neamh-shásamhach. Is tú an mac díth-umhalta nár thug riamh orm ach an neamh-fhreagra: freagra giorraisc, grod, neamh-nádúrtha ó mhac do mháthair. "An bhfuairis tor nó sásamh" – "fuaireas an neamh-fhreagra": tocht.

neamh-fhuadar: *f.1.* claonadh lé rud nách maith. Deirim leat go bhfuil neamh-fhuadar fút an scian mharbhthach san do bheith ar oscailt mar a bhfuil achrann: ní tuar síothchána í. D'aithneochadh éinne air an neamh-fhuadar do bheith fé ar an mbéal láidir a bhí air: ná raibh fonn air aonnidh cóir do dhéanamh.

neamh-fhuadarach: *a.* claon lé holc do dhéanamh, droch-thuarach. Is neamh-fhuadarach liom mar taoi ag tabhair aithise dos gach éinne: is mór liom mar thaibhsigheann cuma na droichbhearta fút. Is é an té is neamh-fhuadaraighe aca go léir é ag cur chun na hoibre: is lugha go bhfuil geámaidhe fé.

neamh-fhuaire: *b.4.* buige, teódhacht, suim, báidh. Tá an neamh-fhuaire imthighthe as an aimsir, tá an geimhreadh chughainn: buige aoir. An neamh-fhuaire a bhíodh eatartha do bhailigh rud éigin chun siubhail í: an bháidh is an muinntearthas.

neamh-fhuar: *a.* ar aiste gan bheith fuar, ná goillfeadh fuacht (ar). Nách neamh-fhuar an duine é nár chaith casóg mhór riamh sa bhfuacht is mó dá rug riamh i Mearaice: gan beann ar an bhfuacht: ná goillfeadh an fuacht choidhche air. Talamh neamh-fhuar atá ann go n-aibeóchadh barraidhe ann i bhfad roim thalmhaintidhe eile: go gcré bhog, the. Is neamh-fhuar liom an t-uisce seo lé n-a ól: róbhog ag an ngréin nó an fhaid atá tairngthe. Croidhe neamh-fhuar dos na bochtaibh riamh aige: géilleamhail, carthanach.

neamh-fhuascailt: *b.3.* neamh-fhaoiseamh, neamh-shaoradh, neamh-réidhteach. An cheist chruaidh, dhaingean chéadna ar neamh-fhuascailt fós: gan aon réidhteach. Neamh-fhuascailt mo pheacaidhe go néim aithrighe agus leór-ghnímh: a gceangal orm: gan faoiseamh uatha. An neamh-fhuascailt fada ar thóin príosúin do liathuigh is do chlaoidh é: cuibhreach.

neamh-fhulang: *f.1.* neamh-sheasamh in aghaidh tinnis, iomaird, cruadhtain, etc. Níor mhaith liom bheith ag brath air dá dtugadh sé tamall gan bhiadh, mar tá an iomad neamh-fhulaing ann: gan bheith ábalta ar bhruic le tinneas aigne nó cuirp. Is náire is aithis liom thu a luighead neamh-fhulaing atá agat ar phian go screadair ar phriocadh beag snáthaide: achmhaoin in aghaidh iomaird tinnis. Scaoileadh teine mhillteach, léir-screasach ameasc ár bhfear ná raibh againn uirthi ach an neamh-fhulang go mb'éigean dúinn teicheadh: nár bh'fhéidir linn a foidhneamh. Duine leice riamh me, is áidhbhéil é mo neamh-fhulang ar fhliuchán, líonaim suas de dhathachaibh leis.

neamh-ghábhadh: *f.1.* gan cheal, riachtanas, chall; neamh-chonntabhairt, neamh-ghuais, etc. Níor neamh-ghábhadh liom cabhradh leis, bhí an comhardughadh amuigh aige orm: budh ghábhadh liom: budh mhór-mhian liom san. B'ait is budh ghránda an rud é do lámhach is an neamh-ghábhadh go léir a bhí leis: rud gan call gan riachtanas. Níl mórán ag dul thar lear ar saoire, mar saoghal róbhocht é, ach lucht an neamh-ghábhaidh: an dream go bhfuil a ndóthain gustail aca. Is diabhalta an rud é do bheith ag goid is an neamh-ghábhadh go léir atá air: ceal broide, riachtanais chuige. Lé linn a neamh-ghábhaidh níor dearmhaid sé lá a chruadhtain agus an té thug fóirthint air: ar mbeith dá dhóthain aige: neamh-bhídh, airgid, etc.

neamh-ghabháil: *b.3.* neamh-ghléasadh, neamh-ghlacadh, neamh-fheistiughadh. Náire dhearg do chuireadh do neamh-ghabháil ar éinne eile ach ort dul amach innte lá Domhnaigh, an tsean-chasóg, an léine neamh-ghlan, an sean-triubhas go lathaigh, na bróga gan smearadh: gléasadh aindeis neamh-ghasta. Póitireacht a fir budh bhun lé n-a scaramhaint is neamh-ghabháil lé chéile as san amach: gan a maireachtaint lé chéile. Fuaduigheadh mórán slinne den dtigh airéir agus is é sin féin an neamh-ghabháil a bhí air: ceal feistighthe is daingnighthe in aghaidh gála. An neamh-ghabháil atá tugtha ar an each fén dtrucail agat ní dhéanfadh amadán é, féach! slabhradh gearra is ceann fada, tara-ghad na srathrach gan fáscadh: curtha fúithe go neamh-chruinn. Riamh ní bhfuairtheas amach bun na neamh-ghabhála lé chéile: gan maireachtaint mar lánamhain phósta.

Neamh-ghabháil uisce agus íle: ná meascfaidís. A neamh-ghabháil lé haon tsaghas céirde: an chré a bhí uaidh i gcómhnaidhe.

neamh-ghábhatarach: *a.* neamh-riachtanach, gan cheal, neamh-easbhaidheach. Beart neamh-ghábhatarach ag dul amach sa bhfiadhantas so ag obair: ní i ngábhadh béile na hoidhche atáid. Níl aon riachtanas air bheith ag obair chómh dian i ndeireadh a shaoghail thiar, is é is neamh-ghábhataraighe ar m'eolas: is lugha go dteastuigheann aonnidh uaidh. I ndeireadh dála is neamh-ghábhataraighe dhuit do chorp 'ná t'anam: is lugha is tairbhighe bheith níos airighe air 'ná an t-anam. Cainnt neamh-ghábhatarach uait bheith ag leathadh scéil a bhochtanais ar do chómharsain: gan chall: gan iachall.

neamh-ghabhtha: *a.r.* gan bheith tógtha in áirighthe, neamh-ghléasta, neamh-ghreamuighthe, gan bheith curtha chun feirge nó gan bheith soi-fheirge. An aimsir seo is fíor go bhfuilim chómh neamh-ghabhtha san tímcheall an tighe is na hoifige go mb'fhéidir liom dul ar thurus: gan bheith ag gabháil d'aon rud. Budh neamh-ghabhtha lé n-a mhnaoi cháiréisigh é i gcóir an bhóthair gur chuir sí iachall air: an chulaith dob fhearr a bhí aige do chur uime: gléasta go bocht nó go neamh-ghasta. Sé do dhoras atá go neamh-ghabhtha dá dtagadh an tóir air, a lúdracha ar leathadh is na hursanna ar bogadh: gan greamughadh, gan daingniughadh. Líon neamh-ghabhtha lé n-a théid: greamuighthe go holc. Is neamh-ghabhtha im chnámhaibh me ó chuimleas an ola dhíobh 'ná bhíos roimhe, is féidir liom siubhal cuibheasach: éascaidh, neamh-stangtha. Aon deallramh níl ort, agus is beag é t'fhoghail tráthnóna mar is tú atá go neamh-ghabhtha chun saothair: inneallta go holc. An suidheachán a bhí in áirighthe agam ní raibh sé neamh-ghabhtha nuair shroicheas é, búiste mór fir ann ná fágfadh é: follamh. Mara mbeadh na fiacla bréige bheith neamh-ghabhtha ní thuitfidís chómh luath: neamh-ghreamuighthe, neamh-chóirighthe.

neamh-ghairid: (**neamh-gheairid**) *a.* gan bheith i bhfad (aimsir nó achar), neamh-chruinn, neamh-sprionnlaithe. Aon eagla níor ghábhadh bheith ort roimis, bhí sé díreach chómh neamh-ghairid sin dom is ná féadfadh sé ach teangmháil: an fhaid sin (dóthain) uaim. Bí deimhnightheach de gur fear neamh-ghairid do féin é sin is go dtabharfadh aon nidh a fhéadfadh duit: neamh-sprionnlaithe: fial. Táimíd neamh-ghairid i ngaol dá chéile, ioscad bheag éigin i bhfad amach: níl mórán cómh-fhola ionainn. Is é an siopadóir é ná béarfadh neamh-ghairid ar éinne: a thugas cáirde fada uaidh.

neamh-ghaisceadh: *f.1.* easbhaidh déanta deagh-ghníomhartha, ceal mór-bheart, laochas. Neamh-ghaisceadh ceart duit gan dul ar a shaoradh agus a luighead conntabhairte a bhí ag gabháil leis: ceal cródhachta i láthair guaise. Molaim a neamh-ghaisceadh tar éis na bearta iontaighe atá déanta aige ná fuil focal maoidhte as: neamh-laochas: ná fuil ghá mholadh féin. Neamh-ghaisceadh dhom teicheadh ó fheairín a chuirfinn síos im phóca: gan mheisneach, gan chródhacht.

neamh-ghalarach: *a.* sláinteamhail, folláin. Daoine neamh-ghalaracha ná cloisfeá choidhche liagh ná dochtúir ag teacht chúcha: iad lán de shláinte. Is sin í an fheóil neamh-ghalarach go bhfuil an neart agus an suiméar innte lé n-itheadh: folláin, gan máchail.

neamh-ghann: *a.* fairsing, flúirseach, iomadamhail, neamh-sprionnlaithe, neamh-thearc. Ghuidheadar ar son na marbh go léir, níor bh'í an ghuidhe neamh-ghann í: fairsing, fial. Is gnáthaach nidhthe neamh-ghanna saor: flúirseach: go leór díobh lé fagháil. Is ag an stoc so atá an féar neamh-ghann: flúirseach, iomadamhail, tiugh. Is é is neamh-ghann duit púnt do thabhairt dom ach go háirighthe: is é an chuid is flaitheamhla. Ní mór an gaisceadh dho airgead do chaitheamh is é do thagann go neamh-ghann air: gan puinn duaidh gnóthuigheann é go hiomadamhail. Tá an saoghal mór chómh neamh-ghann orm, arsa mise liom féin, is tá ar éinne, scaoilfead fé níos túisce 'ná mar bheinn ag daor-sclábhaidheacht annso: cead a fhairsinge do thaisteal.

neamh-ghanfhiosaidheacht: *b.3.* oscailteacht, do dhéanamh rud go follas, ceal folaigh. An neamh-ghanfhiosaidheacht atá ann do thaithnigheann liom, ní cheilfeadh sé é féin ná aonnidh a bheadh aige ort: neamh-fholach. Neamh-ghanfhiosaidheacht bídh ag baint leis: thabharfadh duit mar thabharfadh do féin. Is cuma leis cé chídheann é nó ná feiceann lé n-a neamh-ghanfhiosaidheacht: neamh-cheal fonn ceilte nó folaigh a ghnímh air.

neamh-ghaobhar: *f.1.* neamh-ghairideacht, neamh-chao, neamh-chumas. Bhí an long chómh mór san i neamh-ghaobhar dom ná féadfainn a dhéanamh amach cad é an ainm a bhí uirthi: neamh-ghairid: i bhfad uaim. Fan i neamh-ghaobhar don gcor-each malluighthe sin nó geóbhair speach a chuirfidh réilthíní ort: fan i bhfad amach uaithi. I neamh-ghaobhar nirt is meisnigh do ataoi: gan aon dul agat air. Bhíos i neamh-ghaobhar a dhéanta toisc me bheith chómh hóg: gan aon dul agam air. Neamh-ghaobhar na dtighthe do thaithnigheann leis: neamh-athchomaireacht: scaipighthe.

neamh-ghaol: *f.1.* ceal cómhgas fola, ceal bainte. Beidh mo ghaolta is mo neamh-ghaolta ann: daoine ná fuil cómh-bhraon fola ionta. Ar an neamh-ghaol atá aca lé chéile ar gach cuma is é iongadh an cheanntair connus réidhtighid in éintigheas: ceal cómh-thréithe. Á, is mór go léir an neamh-ghaol atá idir Éireannach is Sasanach: níl aon phioc cosamhlachta eatartha: i ngníomh, i gcainnt ná i mbéasaibh ní hionann iad.

neamh-ghar: *f.1.* neamh-thairbhe, neamh-shochar, neamh-áis, neamh-chineáltas. Neamh-ghar dómh-sa bheith ghod chothughadh nuair ná déinir faic don dtigh ach ag imtheacht lé neamh-aistear: neamh-thairbhe. Ná bíodh aon eagla ort go ndéanfaidh sé neamh-ghar dómh-sa fanacht leat, mar ná fuil broid ná deabhadh orm: neamh-áis: go gcuirfidh pioc as an slighe me. Óch, is fada buidhe uaidh do thuairm, tá an baile céadna i neamh-ghar duit: seal mór slighe. An neamh-ghar orm riamh aca, dá mhéid a ndéanfainn dóibh is seanbhlas is mío-bhuidheachas dob eadh é: neamh-chineáltas.

neamh-gharbhuaiceach: *a.* neamh-mhearbhallach, neamh-shuimeamhail, neamh-ghoirgeach. Bím chomh neamh-gharbhuaiceach i ndeireadh do chuid chainnte easonóraighe agus bhím sara dtosnuighir: neamh-chorruighthe: réidh-inntineach: d'fhéadfá aonnidh do rádh i ngleáchas leis an nduine. Neamh-gharbhuaiceach seódh is sult do gheibheann sé de rud a chuirfeadh buile is binb ar dhuine eile: neamh-ghruamdha.

neamh-gheal: *a.* gan bheith geal, míobhuidheach, míoshásta. Oidhche ghealaighe neamh-gheal toisc truime na néall sa spéir: ná raibh solasmhar. Is fada neamh-gheal dá

chéile iad, cé go mbídis árd-mhuinnteartha lé chéile tamall, anois tá an ghráin mhairbh aca ar a chéile: mío-bhuidheach, mío-ghrádhmhar. Croidhe neamh-gheal aige dos gach éinne: gan báidh ná buidheachas. Buidéal neamh-gheal ní fheadar cad tá ann: dorcha: gan é do bheith gleóir. Go neamh-gheal do féin tar éis a mheabhruighthe gur labhair sé bun os cionn: mío-shásta.

neamh-ghéar: *a.* gan faobhar tanaidhe nó bior, neamh-ghlic, neamh-bhreithnightheach, neamh-shearbh, neamh-bhioranta. Má tá an ghaoth láidir féin is maith an rud í do bheith neamh-ghéar: ná geóbhadh tríot lé n-a biorantacht is a glaise. Bainne ró-neamh-ghéar chun císte do dhéanamh: gan é crúidhte an fhaid is go mbeadh blas searbh air. Dar mo bhaiste is neamh-ghéar an fear thu mar ar thugais fé ndeara go dtí so go raibh sméideadh beag bacaighe ann: neamh-bhreithnightheach: gan bheith mear chun ceann do thógaint de rud. Is é ná fuil neamh-ghéar i dtaobh na haimsire, dhéanfadh sé faisnéis seachtmhaine roim ré dhuit: go cruinn-bhreithnightheach. Lá chómh neamh-ghéar leis cad is gábhadh leis an eagla dul ar farraige?: neamh-gharbh. An mheilit scine chómh neamh-ghéar is nár bhaoghal duit í: gan faobhar uirthe. Shaoileas riamh go dtí airéir gur theanga neamh-ghéar a bhí aige, ach mo mhairg, riamh níor chuala a leithéid de bhearradh cainnte: gan guibh, gan bheith dian, tubaisteach.

neamh-ghearán: *f.1.* neamh-chasaoid, neamh-cháiseamh, neamh-chlamhsán. Is cuma cad a bheadh orth ní bhfaghfá choidhche uatha ach neamh-ghearán: gan a mairg do chur in iúil. Chuir a neamh-ghearán ar an mbiadh is ar an gclampar a fuair sé iongadh orainn: tocht gan focal mío-shásta do rádh. An neamh-ghearán atá ag teacht leat ná faghair an rud atá ag teacht chughat?: gan é d'iarraidh: gan a chur in iúil go bhfuilir mío-shásta leis an ndéanamh atá fachta agat.

neamh-ghearánach: *a.* neamh-chasaoideach, neamh-mhairgeach, neamh-cheisneamhach, neamh-chlamhsánach. Gheobhadh sé bás leis an ngorta is gan a fhios agat ná go raibh a dhóthain aige, tá sé chómh neamh-ghearánach san: neamh-chásmhar: ní leigfeadh air aonnidh bheith bun os cionn. Mo thuairm féin go bhfuil feabhas air, is neamh-ghearánaighe é indiu 'ná indé: ní chuireann in iúil go bhfuil an oiread tinnis air. Is neamh-ghearánaighe bhíonn an máighistir anois orm 'ná bhíodh mar tugaim iarracht ar bheagán do dhéanamh: ní bhíonn sé chómh míoshásta ná chómh pras chun mo locht do chur in iúil orm. An críostaidhe ceart bíonn ag fulang leis go neamh-ghearánaighe: gan a mhíoshásamh 'sa dhroichriocht do chur in iúil.

neamh-ghearbach: *a.* neamh-ghruamhda, do-thógtha, sochma. Raghfaí dian go maith air sara gcuirfeadh suim i gcainnt, buachaill neamh-ghearbach seadh é: gur deacair an droich-mhianach do chorruighe ann. Cé go raibh cúis cheart aige chugham bhí sé an-neamh-ghearbach: neamh-thógtha: neamh-ghruamdha. Nuair bhíonn gach aonnidh ag éirghe leis bíonn sé ar nós fhurmhór daoine go neamh-ghearbach: sochma, mín ina mheón. Casán neamh-ghearbach: réidh, socair.

neamh-ghearrtha: *a.r.* gan gearradh, gan coilleadh, neamh-chiorrbhaidhthe. Gamhna neamh-ghearrtha ní bhfaghadh oiread ortha is dá mbeidís gearrtha: gan coilleadh. Tá tuarastal neamh-ghearrtha aige, is é an t-aon duine san oifig é nár luigheaduigheadh: gan

ciorrbhadh: ísliughadh. Iasc neamh-ghearrtha gan é bheith scoiltighthe. Dá fheabhas é a dhícheall d'fhág sé neamh-ghearrtha againn: gan gníomh nár bh'fhéidir do shárughadh do dhéanamh. Is é crích is deireadh na mbeart é go bhfuil sé neamh-ghearrtha chun oibre: ná fuil sé oireamhnach ó dhúthchas di.

neamh-ghéire: *b.4.* maoile, neamh-íogaire, neamh-fhaobhar, neamh-bhreithnightheacht, neamh-phraitineamhlacht, neamh-sheirbhe, neamh-aireachas, neamh-cheilgne. B'fhéidir leat suidhe amuigh i rith an lae gan fuacht lé neamh-ghéire na gaoithe: neamh-cheilgne: neamh-ghlaise. Eisean? ná cuireadh aon mhairg ort go dtabharfaidh fé ndeara thu tá an neamh-ghéire ag dul leis: gan é do bheith braithteach ar imtheachtaibh aon ruda ina thímcheall. B'fhuraiste dhóibh an fharraige do thaisteal lé n-a neamh-ghéire: neamh-ghairbheacht. Taithnigheann neamh-ghéire na n-ubhall san liom: gan iad do bheith searbh. Ní fhéadfadh duine puinn lochta d'fhagháil ar neamh-ghéire ár ndlighthe mar riartar anois iad: gan iad do bheith dian. Is orm a bhí an t-ádh a neamh-ghéire a chuaidh sé orm ghom cheistiúchán mar nár mhór é m'eólas: neamh-dhéine.

neamh-ghléas: *f.1.* neamh-chulaithirt, slighe gan mhaith chun rud do dhéanamh, fearas nách maith, úirlis nách maith. Nách ar do raga capaill atá an neamh-ghléas: culaithirt neamh-fhoghanta nó neamh-oireamhnach. Leis an neamh-ghléas iascaigh atá agat ar bhreac ní bhéarfá choidhche air: fearas neamh-oireamhnach. Na neamh-ghléiseanna san agat chun búird do dhéanamh níor bh'fhearr dhuit agat ná uait iad: úirlisidhe ná déanfadh beart.

neamh-ghléasta: *a.r.* droch-ghabhtha, inneallta, feistighthe, éaduighthe, etc. Fóill, beir fada air, táim ró-neamh-ghléasta i gcóir an bhóthair, fan go gcuiread malairt éadaigh orm: gan an t-éadach oireamhnach, meastamhail do bheith orm. Cuid des na tíorthaibh cogaidh gurb é a leath-scéal go rabhadar neamh-ghléasta ar thosnughadh d'éirghe eatartha: ná rabhadar ullamh maidir lé fearas. Dóirse neamh-ghléasta nách deacair do bhriseadh isteach: neamh-fheistighthe: gan iad greamuighthe, feistighthe.

neamh-ghnáth: *a.* annamh, neamh-chomhnaidhtheach, neamh-nósach, neamh-mhinic. Ní heól dom cad tá imthighthe ortha agus a bheith chómh mall, is neamh-ghnáth leo bheith déidheannach: ní béas aca é. Bhuaileamair isteach i dtigh neamh-ghnáth gur chuir gach aon rud gur luigh ár súil air iongtas orainn: gurb annamh a bhuailfeadh a leithéid lé duine. Bean neamh-ghnáth ise, tá sí annsan ina cómhnaidhe ina haonar gan coidreamh éinne uirthi is nách fios cé hí, cad as í, ná an t-aer os a cionn éagsamhail: nách furaiste a cómh d'fhagháil. Is neamh-ghnáth leis bheith fial pé rud atá tárluighthe dho an turus so: ní hé a bhéas é. Tinneas éigin neamh-ghnáth ná deaghaidh na dochtúiridhe amach air: nár tháinig fé n-a léith riamh, má tháinig.

neamh-ghreim: *f.3.* greim nó ceangal so-scaoilte; buige, neamh-sprionnlaitheacht. Na neamh-ghreimeanna a chuir an tailliúir san éadach ní fada sheasóchaid: ceangail bhogha leis an snáthaid. Ná bíodh aon neamh-ghreim agat ar an madra san nó caillfir é: ná tabhair faillighe ann. An iomad neamh-ghreimeanna a bhí aige ar a chuid airgid d'fhág beó bocht é: neamh-sprionnlaitheacht: níor mhisde leis é do chaitheamh: neamh-dhúlmhar ina

choimeád. Ní raibh air ann ach an neamh-ghreim, ní raibh a bhac air bailiughadh leis aon lá budh mhian leis: ní raibh oibliogáid fanamhna air.

neamh-ghrod: *a.* neamh-thapaidh i bhfreagra, neamh-luath, neamh-thur, neamh-ghairid. Ní mór duit gan bheith neamh-ghrod ach breith ar an dtéid nuair caithtear chughat í: mall: míothapaidh. Duine béasamhail ná raibh ach neamh-ghrod riamh lé neach in aighneas nó in áiteamh: neamh-thur: neamh-tharcuisneamhail. D'fhéadfadh gluaisteán siubhal maith do bheith fúithe ag nochtadh an chúinne, tá sé neamh-ghrod: níl cor tapaidh ann. Bí neamh-ghrod leis gach éinne, ní bheidh faic caillte agat leis: neamh-thur: neamh-mhín. Nách neamh-ghrod a bhís ar an mbóthar, táthar ag feitheamh lé fada leat: neamh-luath, neamh-mhear. Táir ard-neamh-ghrod don bhfreagra cheart, caithfir tástáil airís: i bhfad 'si bhfad Éireann uaidh.

neamh-ghruaim: *b.3.* neamh-ghnaoi, neamh-dhoithigheas, neamh-smuilc, neamh-mhairg, neamh-ghoirge, neamh-gheanncas. Neamh-ghruaim gach aonnidh aige: aon rud ní chuireann mairg air. Is éachtach í do neamh-ghruaim agus a bhfuil de ghiolcadh is de ghríosadh déanta ort: neamh-smuilc: gan dochma ar t'aigne. Bíodh neamh-ghruaim ort seadh is sia do shaoghal: neamh-ghoirge: aiste lán-sásta aigne gur deacair a bhuaidhreamh.

neamh-ghruamhdha: *a.* neamh-channtlach, neamh-smuilceach, neamh-mhairgeach, neamh-ghoirgeach. Is deacair do bheith neamh-ghruamhdha ar a bhfuil caillte san imirt aige: gan cuma shásta do bheith air. Pé áit ná uair go mbuailfeadh sé leat gheóbhfá go neamh-ghruamhdha é, ní chloisfeá ag gearán é ná cuma an doichill air: neamh-dhuairc: gan meidhréis croidhe: gan ísle bhrigh.

neamh-ghuilm: *b.2.* neamh-fhonn, neamh-mhian. An leadaidhe leasc, ní fheaca riamh é ach an neamh-ghuilm oibre air: an mí-fhonn is an dochma mór roimpe. Neamh-ghuilm bídh air lé fada agus é ag caitheamh ar nós na coinnile: gan aon fhonn ithte air: neamh-éileamh.

neamh-ghuis: *b.2.* (**neafais**) sonaoideacht, neamh-dhuadh, neamh-aire, neamh-shuim. Neamh-ghuis dom-sa an bheart san dá dheacracht do dhaoinibh eile é, tá an taithighe is an t-eólas agam: sonaoideacht: aon duadh ní chuireann orm. Lé neamh-ghuis do leigeas uaim an gluaisteán san gan é do cheannach is fonn orm chuige: ceal friothála: ceal imshnímh do dhéanamh de. Neamh-ghuis gach aonnidh aige sin, tá a rian air ní mór de speilp an tsaoghail atá air: neamh-chúramacht is neamh-aire. Níor dhein sé den láimh go ndeaghaidh an dealg innte ach neamh-ghuis ar dtúis gur óirigh sí chuige is gur bhorr is d'at: neamh-nidh: neamh-shuim: neamh-nath. Neamh-ghuis seadh an saoghal so tar éis gach beart: fastaoim suim ná lúib istigh do chur ann, óir fágfam in ár ndiaidh é. Lé neamh-ghuis do chaitheas an cárta san, níor shaoileas ó neamh go bhfaigheadh sé cúig: gan m'aigne agam ar aon rud. Le neamh-ghuis a fuair sé a bhfuil de shaidhbhreas aige, lá oibre níor thug sé ar a shon: gan duadh. Féach rómhat! cuir uait an neamh-ghuis: ní haon imirt biorán sop í seo: neamh-chúramacht: neamh-shuim, oireann fuaimeant is aire dho-so. Níor cuireadh ina chuid cainnte ach neamh-ghuis: níor thóg éinne ceann de mar nár bh'fhiú leó é.

neamh-ghuiseach: *a.* neamh-chúramach; neamh-dhaoibhseamhail; neamh-aireach, faillightheach, saonta, leanbhaidhe; gan choinne; sonaoideach. Bhís ró-neamh-ghuiseach tímcheall do chuid airgid, bhíteá ghá tharrac aníos ina chrúcaidhibh, ní hiongadh gur chaillis é: neamh-aireach. Táir ró-neamh-ghuiseach tímcheall an tsaoghail, ní bheidh faic i ndeireadh thiar agat: leadránach, faillightheach. Toisc na céirde do bheith chómh maith aige tagann gach nidh go neamh-ghuiseach air a dhéanamh: sonaoideach, gan puinn duaidh. Dá neamh-ghuisighe a chuirir rómhat é do ghearradh seadh is fusa a thiocfaidh ort: sonaoidighe: gan an iomad cáiréise bheith tímcheall air. An diabhal baoghal air ná gur neamh-ghuiseach a bheirir ar an sciain fhaobharamhail sin a ghearrfadh go cnámh thu ar a luighead faillighe: gan machtnamh do chaitheamh léi. Is neamh-ghuiseach a labhrann tusa féin, dar leat gur ó neamh a thagas a bheatha chun gach éinne ach chughat féin: go breágh, bog, neamh-bhreithnightheach. Ná cuir in aon neamh-ghuiseach é sin ar eagla go bhfaigheadh éinne é: áit fhollus: áit gan cheilt. Cainnt is neamh-ghuisighe a thagann air siúd: ar a bhéal dhéanfadh sé na huirc is na hairc, ach ar a shon san ní feictear ag tabhairt fé aonnidh é. Is neamh-ghuiseach aige anam duine: aon nath ní chuirfeadh i nduine do mharbhadh. Bír neamh-ghuiseach fé airgead: neamh-bhaileach: neamh-chríochnamhail.

neamh-ghuiseacht: *b.3.* sonaoideacht; neamh-aireachas; saoráideacht; neamh-chúramacht; neamh-dhuaibhseamhlacht, faillightheacht, leanbaideacht. Chuirfeadh sé breághthacht ort a neamh-ghuiseacht a thagann gach nidh air: a shaoráideacht: a usacht a dheineann sé iad. Cuir uaim neamh-ghuiseacht anois agus cuir suim id ghnóth más mian leat é do bheith i gceart agat: neamhchúramacht. A neamh-ghuiseacht a bhuail sé an doras isteach chugham tar éis an fhir do bheith sáidhte aige, budh dhóigh leat gur tar éis a chuid bídh do bhí sé: ar mhaoil a bháidhe: go neamh-mhairgeach. Lé neamh-ghuiseacht d'imthigh an daradha i bhfarraige uaidh: gan choinne: gan bheith aireach a dhóthain air. Neamh-ghuiseacht liom san do dhéanamh duit agus tuilleadh más gábhadh é: ní duadh liom é: aon mhairg ní chuirfidh orm. Neamh-ghuiseacht an duine is furaiste an bob do bhualadh air: saontacht: leanbaidheacht. Neamh-ghuiseacht dom-sa bheith ag bruic leat: leanbaidheacht: gan faic buaidhte agam leis. Níl an neamh-ghuiseacht chéadna ag an nGearmáin leis an Rúis agus bhí aice leis na tíorthaibh do chlaoidh sí: fusacht buaidhte.

neamh-ghus: *f.3.* neamh-thanag; neamh-shusmaid; neamh-théagar. Nuair chimleas idir mo mhéireannta é fuaireas neamh-ghus ann: fuaireas gan aon neart ná achmhaoin é: lag, tanaidhe. Is id chnámhaibh atá an neamh-ghus más é sin saghas rámhaidheachta atá agat: neamh-neart: neamh-shuiméar: neamh-fhuinneamh. Capall an neamh-ghusa is é i gceart é, is fada ó rás do rith é, ná ualach do tharrac: gan spirid, gan brigh. Ar an neamh-ghus atá san dtéid sin ní fada is téad í: neamh-thanag: gan achmhaoin ná neart nuair bhrathfá í. Deoch í go bhfuil neamh-ghus innte, ní chuirfeadh sí preab ná speach ionat: neamh-shuiméar: mianach neamh-láidir.

neamh-ghustal: *f.1.* neamh-mhaoin, neamh-chómhacht, neamh-acfuinn. Fear an neamh-ghustail, caithfidh sé choidhche stad: an té ná bíonn maoin aige nó stros an tsaoghail air fastaoim do chur chun rud éachtach do dhéanamh. Thárlaidh go raibh sé de neamh-ghustal ortha ná féadfaidís a bhfiacha d'íoc is briseadh amach iad: de stros an tsaoghail.

An neamh-ghustal is bun leis an ndroich-bhiadh agus an ndroich-éadach: neamh-acfuinn airgid.

neamh-ghustalach: *a.* neamh-mhaoineach, neamh-strosamhail, spleádhach, neamh-chumasach. Baile beag sprionnlaithe ná fuil ann ach siopadóiridhe neamh-ghustalacha, geallaim duit gur beagán do cheannóchadh an té is treise aca: gan puinn maoine ná struis: gan iad os chionn a gcumais. Mara mbeadh me bheith neamh-ghustalach do raghainn chun dlighe leis: gan an cur leis do bheith agam. Ní fhéadfaidh daoine neamh-ghustalacha comraitidhe daora do cheannach: gan bun no stros a ndóthain ortha.

neamh-ghuthasach: *a.* neamh-mbáidheach, neamh-thruaighmhéileach; neamh-mhothálach. Labhartar go neamh-ghuthasach leis is cuireann san mí-mheisneach air: tugtar sclaimheanna air. Buaileadh go neamh-ghuthasach me, triúr nó ceathrar aca chugham ar a ndícheall: gan taise dhom. Chonnac taobh na súgán dá dtigh aca dhá fhagháil ó bháillidhibh an tighearna talmhan go neamh-ghuthasach: gan truagh, gan taise dhóibh. An tsúil neamh-ghuthasach a thabharfadh sé ort gheóbhadh sí siar 'saniar tríot dá bhféadfadh é: gan maoithneachas innte: coimhtheach. Budh neamh-ghuthasach an bheart duit me d'fhágaint san díg: gan me do thógaint.

neamh-iadhamh: (**neimh-i**) *f.1.* ceal ceart greamuighthe, neamh-fheistiughadh, neamh-dhruideam. Stiall an ghaoth an doras, is dar ndóigh sin an neamh-iadhamh a deineadh air: feistiughadh leibideach. Neamh-iadhamh do bhéil a bhrisfidh duit-se lá éigin é: ceal do theangan do choimeád ciúin. Neamh-iadhamh a ghlaice ar a chuid airgid: scaoileadh leis.

neamh-iadhta: (**neimh-i**) *a.r.* gan iadhamh nó dúnadh, neamh-fheistighthe. Mo náire thu, nách neamh-iadhta atá do bhríste: neamhghreamuighthe, neamh-dhúnta. Ní casfar choidhche an sprionnlaitheacht leis, mar is í a lámh atá go neamh-iadhta: suarach, cinnte, neamh-fhairsing.

neamh-iadhtacht: (**neimh-i**) *b.3.* ceal iadhta, daingnighthe, feistighthe, dlúithteachta. Neamh-iadhtacht a chuid éadaigh gan cnaipe ná lúb slán: gan é do bheith gasta feistighthe air. Ar feadh na hoidhche bíonn glór ges na fuinneógaibh lé n-a neamh-iadhtacht: gan an daingniughadh ceart. Ar feadh na hoidhche uile bhí neamh-iadhtacht ar mo shúilibh: ní rabhadar claon lé dúnadh chun suain.

neamh-imirt: (**neimh-i**) *b.3.* (*-meartha*) imirt neamhshuimeamhail. Is mór an neamh-imirt duit an cárta úd do leigeant tharais, é chomh geairid don gcluiche is a bhualadh agat: faillightheach, neamh-shuimeamhail.

neamh-imtheacht: (**neimh-i**) *f.3.* gan gluaiseacht, stad, staonadh. Arsa fear an tábhairne, "ó tá an oiread fonn neamh-imtheachta caithfead tú chur amach le fóirneart": gan éileamh corruighthe.

neamh-inntin: (**neimh-i**) *b.2.* neamh-aigne, neamh-mhian, neamh-éileamh. Bhíos mar déarfadh duine ar neamh-inntin dul ann go bhfeaca na sluaighte ag gluaiseacht: ní raibh fonn mór ar m'aigne. Nílim ar aon neamh-inntin ina thaobh, táim réidh toilteanach ar é do

cheannach: nílim neamh-shocair ar cad tá agam lé déanamh. Chuadhas in aonfheacht leó ar neamh-inntin achrainn: gan aon mhian achrainn ná toirmisc orm do dhéanamh.

neamh-íochtarach: (**neimh-i**) *a.* gan bheith íochtrach go leór, neamh-íseal. Do dharudha neamh-íochtarach is an t-iasc os do chionn, caithfir éadtromughadh: is sia síos do bhaoite ná an t-iasc, caithfir tarrac chughat. Céagaibh is neamh-íochtaraighe san imirt: is mó scór.

neamh-iomchar: (**neimh-i**) *f.1.* ceal iomchair, neamh-fhulang, mí-bhéasacht. Anois ní leigfeadh an neamh-iomchar duit fanacht socair gan bheith ag toirmeasc ar dhaoinibh eile: ceal riaghaluighthe ort féin. Nuair bítear ag déanamh rud mí-cheart go mórmhór in aghaidh córach creidimh deirtear "tá neamh-iomchar air etc.": ceal smachta miangas na colna. Tá neamh-iomchar ar dhigh aige: ní mór is féidir leis d'ól gan bheith ar meisce. Bád neamh-iomchair: nách mór é a dóthain ualaigh.

neamh-ionann: (**neimh-i**) *a.* gan bheith mar a chéile i bhfaid, leithead, aoirde, toirt; neamh-chosamhail: neamh-chómh-réidh. Is neamh-ionann an dá thír, ceann aca bocht, fuar, an ceann eile saidhbhir, te: ní mar a chéile. Táid chómh neamh-ionann is tá an fear bán is an gormán: gan aon chosamhlacht datha nó meóin. Cad n-a thaobh ná beadh an bórd ag corruighe is na cosa neamh-ionann ar an úrlár?: gan iad ag bualadh go comhthrom air. Taidhbhsigheann an churadóireacht neamh-dheas, tá na hiomairidhe neamh-ionann: nílid uile ar chómh-fhaid ná chóimhleithead. Is neamh-ionann dúinn aos, tá chúig bhliadhna agam-sa ort-sa: neamh-chomhthrom. Tagann airgead isteach go neamh-ionann air, uaireannta go mbíonn seal mór idir gach aon dá dhíolaidheacht, uaireannta ná bíonn: ní mar a chéile in ao'chor a theacht.

neamh-ionannas: (**neimh-i**) *f.1.* neamh-chomhthrom, neamh-chómh, éagsamhlacht, neamh-shocracht. Rámhaid i neamh-ionannas, bíd ag breith ar mhaidhibh a chéile: neamh-chómhthráthamhail. Tá an cómhra i neamh-ionannas ar ghuailnibh na bhfear, mar nílid cómhaoirde: ní luigheann sí mar a chéile ortha, níos truime ar chuid aca. Thuit na gloinidhe agus ó shoin táid i neamh-ionannas: ní fhreagrann na lionnsaidhe dá chéile.

neamh-iongadh: (**neimh-i**) *f.* (*-gnta*) rud, duine no teagmhas ná corróchadh do shuim go mothálach. Is orm ná raibh an neamh-iongadh é do bhualadh liom, mar ná raibh coinne ó neamh agam leis: bhain sé preab obann asam. Duine corráisteamhail, tighearnamhail, is air a bheadh an neamh-iongadh suidhe isteach chun do bhúird gan chuireadh, gan iarraidh: ní chuimhneóchadh sé an dara huair air: dánaidheacht is deiliúsach chun ruda.

neamh-iongantach: (**neimh-i**) *a.* dána, deiliúsach, corráisteamhail. Is neamh-iongantach an bhean í, bíonn sí amuigh gach maidean 'sa crúsca aice ar lorg bainne ar gach trucail a ghaibheas thart: deiliúsach: ní chuireann sí nath ar bith ann: dar léi go bhfuil cuing nó caitheamh amuigh aice a toil d'fhagháil. An bheart dob neamh-iongantaighe dá bhfeaca riamh mo dhuine do bhualadh isteach, biadh d'órdughadh agus ar mbeith ithte aige bualadh amach go neamh-mhairgeamhail gan íoc: go neamh-ghuiseach, neamh-shuimeamhail: díreach mar leis féin an áit.

neamh-iontaoibh: (**neimh-i**) *b.2.* gan muinghin, neamh-dhóigh, neamh-dhóchas. Neamh-iontaoibh ar bith níl agam as ach mo thuairm ná féadfadh a dhícheall a dhéanamh: níl aon amhras agam ná go ndéanfadh an méid atá ann ach ní bheadh dóchas agam go n-éireóchadh leis. Beart ar bith ní bhfaghadh ó neach sa deireadh lé neamh-iontaoibh as fanacht ó ólachán: ní raghaidís ina theannta, chun cao do thabhairt do. Lé neamh-iontaoibh do thug an Almáin fén Rúis chómh hobann, grod: gan dóchas ná go bhfeallfadh uirthi.

neamh-iontaoibheach: (**neimh-i**) *a.* neamh-mhuinghineach, neamh-dhóchasach, neamh-dheimhnightheach. Níor mhór duit bheith ghod t'aire féin air sin, tá sé neamh-iontaoibheach: ní cosamhla ná teipfeadh ort ná go ndéanfadh: is deacair dul i dtreis leis ná go gclisfeadh nó go dteipfeadh ort go toilteanach nó dá aindeóin. Ainmhidhe neamh-iontaoibheach seadh tarbh: ní féidir do dhuine seasamh air nó a mhotháilt go daingean go bhfanfadh macánta.

neamh-labharthach: *a.* neamh-chainnteach. Thabharfadh sé an lá annsan ina phúca is gan focal as, is neamh-labharthach an duine é: ar bheagán cainnte.

neamh-láidir: *a.* neamh-chómhachtach, neamh-shaidhbhir, neamh-neartmhar. Tá sé cruaidh folláin, ach tá sé neamh-láidir, ní fhéadfadh sé puinn struis do fhulang: ar bheagán nirt. Ní treibh neamh-láidir iad súd, tá go leór airgid tirim aca: táid os cionn a gcumais maidir lé hairgead is maoin. Gais neamh-láidre toisc iad do bheith óg b'fhuraiste don ngaoith lámh do dhéanamh ortha: gan puinn nirt. Táim neamh-láidir lé fada: mío-shláinteamhail.

neamh-láithreach: *a.* gan bheith i bhfiadhnaise nó os cómhair; bheith ar iarraidh. Connus bheadh a fhios agam i gceart ach dréir mar chuala cad thárlaidh ann nuair bhíos neamh-láithreach: gan bheith. Idir na daoinibh a bhí láithreach agus neamh-láithreach iarradh ortha coigilt do dhéanamh ar gach aon ghreim bídh i gcóir an chruadhtain: iad so a bhí ar iarraidh. An rud neamh-láithreach a bhíos uaidh do dhéanamh do shíor: an bheart nách léi is mó bhíos call.

neamh-lán: *a.* gan bheith lán go smig ná in aon ghiorracht do. Sín chugham t'árus neamh-lán go líonad go barr duit é: ná fuil puinn ann. Beidh orainn fanamhaint tamall maith eile leis an dtaoide go snámhaidh an bád, tá sé an-neamh-lán: níl puinn de tuilte. Is deallramhtach go mbeidh bolg neamh-lán agat, mara gcuirir clódh oibre ort féin: go mbeidh leath-ocras ort go minic. Ní fheaca riamh agat, a sprionnlóir ach treidhse neamh-lán: aiste bheag nár bh'fhiú d'áireamh. Buail isteach tá slighe do dhóthain agat, sid é an tigh neamh-lán pé áit gur ghaibh a thrácht: gan aghaidh mórán daoine air. Lamhnán neamh-lán: neamh-theann.

neamh-leachta: *a.r.* gan bheith ina leann trí theas, neamh-chaithteach, críochnamhail, cruinn. Bí saothrach is ná bíodh do ghnóth gan a bheith neamh-leachta ort: gach rud cruinn, baileach. Ní fuairthé é siúd ach siopadóir neamh-leachta gurb eól do connus tá a chúram ag imtheacht: ná fuil neamh-chúramamhail, neamh-chríochnamhail. Bean neamh-leachta a choimeádas gach nidh tímcheall a tighe go cruinn: críochnamhail: gasta.

neamh-leanamhnach: *a.* neamh-cheanamhail, neamh-ghabhtha lé. Is é is neamh-leanamhnaighe ar m'aitheantas ní fheicim ar thórramh ná i sochraid é, is choidhche ní chloisfeá é ag cur tuairisc na gcómharsan: suimeamhail i ndaoinibh is a gcúirimidhe.

neamh-léigheanta: *a.r.* gan léigheann, gan oideachas, gan tabhairt suas. Do dhuine neamh-léigheanta nár chaith lá riamh ar scoil is nár oscail leabhar is iongtach mar is féidir leis labhairt: gan eólas trí mhúineadh na leabhartha. Táim ró-neamh-léigheanta dhuit chun dul ag áiteamh ort i dtaobh leabhar: gan foghluim ortha. An bhreis aimsire tugtha aige ort ag gabháil d'fheirmeóireacht gur neamh-léigheanta thu 'ná é: cliste: eólgaiseach.

neamh-léir: *a.* neamh-sholasmhar; neamh-ghlé; neamh-oscailte. Dréir dheallraimh gur neamh-léir duit an deifridheacht idir an bhfírinne agus an t-éitheach ar an slighe atáir ag spalpadh leabhar tóin thar cheann: soiléir: ná tuigtear ina cheart duit. An radharc ag dul i ndonacht sa tslighe sin anois agam is gur neamh-léir dom rudaidhe i bhfíor-ghiorracht dom: ná feicim go solasmhar iad. Ní dócha go bhfuil aon amhras ná gur lamhadh é ach tá sé an-neamh-léir connus, as an méid faisnéise budh mhian leis an lucht ceannais do leigeant amach: dorcha: bheith in aineólas ina thaobh. Seómraidhe neamh-léire atá ann toisc beag-thoirt na bhfuinneóg: dorcha: gur deacair rudaidhe d'fheicsint go solasmhar ionta. Is iomdha droichléightheóir do chuala, ach is tú is neamh-léire fós: ná labhrann go glan, soiléir, sothuigse, oscailte.

neamh-leisce: *b.4.* gan leisce, neamh-leascacht; neamh-liostacht; fonn, mian, toil, miangas. Bíonn neamh-leisce ar gach neach airgead do ghlacadh: tógaid go pras. An-mhochóirighe bíonn neamh-leisce air éirghe, is cuma cá huair ná cá luighead codlata a bhíos déanta aige: ní bhíonn aon neamh-fhonn air. Iad súd a throid go cródha ní raibh aon neamh-leisce ortha roim an mbás ar son a ndúthaighe: dochma ortha roimis. Dá dhúire chun oibre é rud amháin go mbíonn neamh-leisce roimis, sin é an biadh: go mbíonn fonn air a ionnsaidhe.

neamh-leóchaileach: *a.* neamh-lag, neamh-leice, folláin, sláinteamhail, righin, tathnagach. D'fhulaingeóchadh an buachaill neamh-leóchaileach san aon tsaghas síne dá olcas: fuilngtheach: neamh-chlaon lé fuacht. Is neamh-leóchailighe í 'ná mar bhí sí, d'fhuilngeóchainn seasamh uirthi anois; sin cómhartha go bhfuil feabhas uirthe: níos neamh-mhothálaighe: níos deacra pian do mhothughadh innte. Ní neamh-leóchaileach na rudaidhe uibhe cearc do chur tríd an bpost: bíd soi-bhriste ar a luighead cúise a gheóbhaidís.

neamh-leóimhte: *a.r.* neamh-lamhálta, coiscthe. Bíonn ceileabhradh ar chártaidhe neamh-leóimhte - duine a néas é cuirtear a lámh suas: ní leigtear do leanamhaint den riaradh san: tá in aghaidh na riaghalach. Is neamh-leóimhte dhom an suidheachan oibre d'fhágaint i rith an lae ach mar is dóigh leis an saoiste gur lé díomhaointeas é: ní bheadh de mhisneach agam. Rudaidhe neamh-leóimhte gen ndlighe: coiscighthe.

neamh-leór: *a. n-dh.* neamh-dhóthanach, neamh-iomlán, neamh-sháitheach. Is neamh-leór leis céad púnt d'fhagháil air, tá fiche púnt eile uaidh: neamh-dhóthanach. Budh

neamh-leór duine do lámhach ach teacht in imeall a raibh ann: budh bheag leis. Is neamh-leór san, scaoil a thuilleadh ann, tá tart orm ag an mbrothal: neamh-sháidheach. Is neamh-leór púnt sa tseachtmhain indiu chun duine do chotháilt: ní dhéanfadh an gnóth. Is neamh-leór leis na seandaoinibh deich scillinge sa tseachtmhain mar tháille: is róbheag leó é. Dar leis go bhfuil a chroidhe briste ag obair, ní neamh-leór leis a néann sé: ní beag leis. Caithfear dul 'on tsiopa, ambasa, tá neamh-leór aráin ar an dtigh: ceal: easbhaidh. Cá bhfuil cúis a ghearánta ní neamh-leór airgid atá air: easbhaidh nó gannchar. Gabhann sé neamh-leór lé n-a bhfuair sé. Cad shásóchadh é?: níl in ao'chor a dhúlsháith aige. Is neamh-leór paidreacha gan carthanacht is cúiteamh: ionta féin ní sásamh 'n-ár bpeacaidhibh iad.

neamh-liobarnach: *a.* neamh-thuathalach, gasta, críochnamhail, líomhtha, neamh-scaoilte. Bí neamh-liobarnach anois leis an ngunna san is ná scaoileadh ort: neamh-thuathalach: aicillidhe 'n-a iondramháil. Is í an bhean neamh-liobarnach í ar aon ghnóth do chuireann sí roimpe, gach aon rud chómh léir, glan, caothamhail aice: gasta, cruinn. An méid de chuid airgid an sprionnlóra úd a imthigh is go neamh-liobarnach é, fuair sé gnóth dhe gach pingin de: go gasta do chuir sé a chúram de. Is neamh-liobarnach a ghléasann sí í féin: a cuid éadaigh go gasta, cruinn, deagh-nósmhar uirthi.

neamh-lón: *f.1.* ceal lóin, ceal iostais, ceal soláthair, bídh, etc. Na tíortha uile ar neamh-lón anois toisc an chogaidh is teirce loingis seachas mar bhídis: ceal bídh etc. ag teacht leo. An sean-scéal go deó deó ag déanamh neamh-lóin des gach aonnidh: gan bheith cnuaisciúnach ná lúib istigh do bheith i rud ar bith ach scaoileadh leis go bogadh: gan taisce do dhéanamh de. Na páipéir ghá mhaoidheamh nách fada ná go mbeidh an Ghearmáin ar neamh-lón is go gcaithfid stad óir nách féidir léi an líonadh do chur in ionad an fhollamhuighthe: ceal an leór-thómhais bídh, armála, etc. An iongadh libh ocras do bheith ort is me ar neamh-lón lá is oidhche: ceal bídh.

neamh-lorg: *f.1.* ceal cuardaigh; neamh-éileamh coidrimh nó cuideachtan, neamh-mhian. Sin é an neamh-lorg a rinnis air is a rádh ná fuairis é, é os do choinne amach, dá mbeadh cainnte aige do labharfadh sé: ceal cuardaigh. Leis an neamh-lorg atá aice air b'fhearr léi an sean-bhuachaill féin d'fheicsint 'ná é: an neamh-mhian chuige: ní theastuigheann sé uaithi, dubh ná bán. Ní bheadh aon neamh-lorg againne air dá bhfanadh socair ach ní fhanfadh: neamh-éileamh ar a chuideachtain, neamh-ghabháil leis. Budh mhór an bhreóidhteacht do bhí air go raibh an oired san neamh-lorg bídh air go dtagadh casadh ina aigne gan aonnidh ach féachaint air: neamh-éileamh: neamh-dhúil: gan aon mhian chun a ithte. Is dócha gur sinn daoine is mó neamh-lorg ar iasc ar fuaid an domhain: neamh-éileamh.

neamh-luach: *f.3.* luach, nó costas beag, neamh-thoradh. Fuaireas na bróga san ar neamh-luach – deich scillinge: an-shaor. Is mór an neamh-luach atá ar stoc, é ag imtheacht ar mhargadh an tsean-chorcáin ó theacht an ghalair béil is crúb: airgead suarach. Deirtear lé duine a ghníos rud nách taithneamhach lé n-a thuilleadh nó ná faghann oiread agus buidheachas as. "Neamh-luach do pháigh go bhfaghair": gur b'é an rud atá tuillte agat do gheobhair. Áit chómh saor san seadh é go n-imthigheann gach nidh ar neamh-luach ann: an-shaor ar fad. Má tuigtear duit go bhfaghair ar neamh-luach mise

tá dearmhad do mharthana ort: go mbead éascaidh chun do thola do dhéanamh ar gach cor. Is mór an truagh an té a ghníos neamh-luach dá shláinte is ná tugann aire dhi: ná bíonn an meas aireach aige uirthi atá ag dul di ar a shon féin.

neamh-luachmhaire: *b.4.* neamh-thairbhe; neamh-shochar; neamh-mhaitheas. Lé n-a neamh-luachmhaire chaitheas i leathtaoibh uaim é nuair ná raibh aon earraidheacht agam lé baint as. A neamh-luachmhaire bheith ag cur coirce i dtalamh daidhbhir: neamh-thairbhe. Is ait liom an fear san a neamh-luachmhaire atá a bheatha aige, sádhann sé é féin san uile chonntabhairt.

neamh-luachmhar: *a.* gan puinn tábhachta, tairbhe, sochair. Éinne a chuireas é féin i nguais go toilteanach ní bhíonn easbhaidh meisnigh air nó neachtreaca is neamh-luachmhar é a anam aige: is beag tábhacht aige ann. Dá dteastuigheadh rud uait is é do bheith aige budh neamh-luachmhar aige é, thabharfadh uaidh go bog: gan aon tábhacht aige ina thairbhe. Budh neamh-luachmhar dom do bheith ag tabhairt cómhairle a leasa dho, ní éisteóchadh sé liom: budh neamh-thairbheach.

neamh-luadar: *f.1.* neamh-bhrigh corruighthe na ngéag nó gluaiste, neamh-chómhacht. Ceal sláinte níl orm ach neamh-luadar mo chos: gan cómhacht agam ar áis do bhaint asta. Ní bheifeá-sa tinn breóidhte gan mise do dhul ar do thuairisc mara mbeadh an neamh-luadar: gan cómhacht corruighthe mo ghéag. Neamh-luadar teangan atá ag teacht leis, is go maithidh Dia dhúinn é, ní haon díoghbháil sin mar is í a bhí aige go gonta: gan bheith i ndán áis do bhaint aiste. Neamh-luadar go dtagaidh ort maran fút atá an fuadar oibre: stad gan chorruighe.

neamh-luadrach: *a.* neamh-luaimneach, neamh-ghluaiste, neamh-chorruightheach. Ó bascadh sa chogadh é tá sé neamh-luadrach: i gcathaoir rothann do ghaibheann sé tímcheall: níl áis a ghéag aige. Nách neamh-luadrach an duine thu ná tugann turus orainn, ní fheicimíd idir dhá cheann na bliadhna thu: neamh-shiubhalóideach.

neamh-luaimneach: *a.* neamh-thapaidh, mall, neamh-phras, neamh-éascaidh, neamh-aicillidhe, neamh-scolbánta. Fág an bealach uaim, a rud neamh-luaimnigh is ná bí ag cur moille orm: neamh-luath chun corruighthe. Ar fhéachaint ar an eileafaint budh dhóigh lé duine gurbh aindeiseóir neamh-luaimneach ainmhidhe é, ach ní headh in ao'chor, nuair mothalluightear é tagann siubhal áidhbhéil do: mall, trom ar a bhonnaibh. Ní leisce go dtí é, is dochma is neamh-luaimneach atá sé ag cur chun bóthair: mall, righin, mío-thapaidh. Fear cruaidh láidir ach é do bheith neamh-luaimneach: neamh-phras: gan bheith luath chun ruda do dhéanamh. Tarbh neamh-luaimneach ná doirfeadh bó go hoidhche: gan tapa. Is aice ná fuil an teanga neamh-luaimneach - thairngeóchadh sí an tuile thar an bparóiste: neamh-phras: neamh-mhear. Rás maith aige ach é do bheith neamh-luaimneach i léim: neamh-mhear: neamh-cheolmhar: neamh-éascaidh, neamh-lúthmhar: neamh-aicillidhe: neamh-sheólta. Bím neamh-luaimneach nuair bhíonn béile throm caithte agam: neamh-sheólta chun aonnidh do dhéanamh. Croidhe neamh-luaimneach: gan fonn grinn.

neamh-luaimneacht: *b.3.* neamh-thapamhlacht, neamh-phrasacht, neamh-mhire, moille, neamh-éascaidheacht, neamh-sheóltacht, neamh-aicillidheacht. Ná beir ar aonach ná ar

mhargadh é mar nách éinne a cheannóchadh é lé n-a neamh-luaimneacht: níl cur na coise thar an gcois eile ann. Is mo ghéir-dhícheall do dhéanamh ní fhéadfainn é do shárughadh lem neamh-luaimneacht do: neamh-mhire gluaiseachta. Tá rud éigin chugham ar a neamh-luaimneacht atáim indiu, ní mór go bhfuil ionam m'anál do tharrac: neamh-anamamhlacht: mairbheacht cuirp. Ná bíodh eagla ort go mbeidh aon neamh-luaimneacht ar an mbás ag teacht nuair bheidh ár n-aimsir istigh: siléig: faillighe. Neamh-luaimneacht ar an iasc ná fuil sé ag breith: mairbheacht, moille.

neamh-luas: *f.1. 7 3.* moille, siléig, faillighe, manaois, mall-shiubhal, neamh-bheódhacht. Ná déin aon neamh-luas de nó má theipeann ort a bheith déanta agat is tinn duit: siléig: leigeant i bhfaillighe. Neamh-luas na luinge go dtángthas suas léi: ceal a dóthana siubhail chun éaluighthe. Bítear ag gearán air lé n-a neamh-luas oibre: a mhoille bhíonn sé: gan bheith mear tapaidh. Neamh-luas mo láimhe is bun leis an droich-scríobhnóireacht so: neamh-shocracht. Brathaim neamh-luas na haimsire go mór im aonar annso gan chuideachtain gan chaitheamh aimsire: taidhbhsigheann sí an-fhada dhom. Ní hé neamh-luas do theangan a thiocfaidh leat, níl aon mheirg uirthi: ceal cainnte.

neamh-luath: *a.* mall, déidheannach, neamh-mbeó, neamh-aicillidhe, neamh-mhear. Prátaidhe neamh-luatha: a aibigheas déidheannach sa tsaosúr. Dubharthas an tAifreann go neamh-luath indiu: déidheannach thar an ngnáth-am. Bím neamh-luath go leór lém chuid oibre de cheal eolais is taithighe: mall, neamh-éascaidh. Níl sé neamh-luath in ao'chor agat pósadh, níl t'fhiacla go maith fós agat: am do dhóthain fós agat chuige. Caith uait an t-órd, is neamh-luath liom a bhuailir an t-iarann: mall: mío-thapaidh. B'fholláin dom gur mhar a chéile leis neamh-luath nó neamh-mhall me chun oibre, ní scarfadh sé ar rud mhaith liom: mall, siléigeach. A neamh-luaithe a tháinighís chuirfeadh náire ar éinne ach ort, gach duine ach tu ag obair lé fada rómhat: a dhéidheannaighe. Ógánach neamh-luath fé n-a bhuile: ná buailfeadh duine gan chúis mhaith. B'fhearra dhuit is do gach duine eile bheith neamh-luath féd chuid airgid: gan bheith chómh pras chun a chaithte. Dá mbeitheá gan bheith chómh neamh-luath leis b'fhearrde é: breis deabhaidh is fuinnimh do chur ann. Má chuirir go neamh-luath bainfir go neamh-luath: mall, déidheannach.

neamh-luathuighim: *b.a. 7 n-a.* moillighim, déinim seiléig; maoluighim. Cad neamh-luathuigh ná rabhais ag baile fadó ar a luighead cúirim a bhí ort?: a chuir stródh ort: a mhoilligh thu. Buaileadh cuideachta leis is neamh-luathuigheann sé: cuireann dhe pé deabhadh nó deithineas a bhíos air. Neamh-luathóchad ar an mbóthar is tiocfair suas liom: maolóchad. Sid í an deoch go neamh-luathóchaidh leat, mar is í an deoir shóghail, shuiméarach í: a neartóchaidh id shaoghal is id shláinte thu. An iomad gaoithe is uisce neamh-luathuigheann na barraidhe: coimeádaid moill ortha teacht chun cinn.

neamh-lúth: *b.3.* neamh-mbrígh, neamh-ghluaiseacht, neamh-shiubhal, neamh-mbeódhacht. Is fada ar neamh-lúth a ghéag é ó briseadh iad: gan a n-áis aige. Ar an neamh-lúth atá sa choin sin ní thiocfaidh choidhche suas leis an ngirrfhiadh: ceal mór-shiubhail, ceal luasa. Tamall dá shaoghal ní raibh aon neamh-lúth ina chnámhaibh nuair ná raibh fear sa chúigeadh a sháróchadh air ar léim ná ar rith: neart is brigh is fuinneamh. Neamh-lúth ionat: go gcaillir do neart.

neamh-lúthmhar: *a.* neamh-bhríoghmhar, neamh-bheódha, neamh-fhuinneamhail. Róthrom, róbheathuighthe ní fhéadfadh sé gan bheith neamh-lúthmhar gan puinn fuinnimh ann: marbhánta. Á, mhaise, is é an mac leisceamhail é, is é atá ag gluaiseacht go neamh-lúthmhar: mío-thapaidh. Capall neamh-lúthmhar ná cuirfeadh léim chúig dtroighthe dhe: gan ceól: gan éascaidheacht gluaiseachta. Cnámha aosta, cnámha neamh-lúthmhara: stangtha, casta ar a chéile. Neamh-lúthmhar as mo chosaibh, mo ghéagaibh: gan bheith im chumas áis thapaidh do bhaint asta.

neamh-mháchaileach: *a.* neamh-lochtach, neamh-dhíoghbhálach. Ím neamh-mháchaileach é sin má bhí sé san tsáile féin tamall, duine cáiréiseach ná híosfadh é: gan locht, gan díoghbháil air. Cé gur iomdha ósbairt do fuair sé tháinig sé neamh-mháchaileach as gach ceann aca: gan rian, gan gortughadh. Ól é sin, tá sé neamh-mháchaileach: neamh-dhíoghbhálach: neamh-dhochrach. Feóil neamh-mháchaileach: feóil atá folláin gan boladh uaithi ná droch-bhlas uirthi.

neamh-mhacánta: *a. n-dh.* neamh-ionraic, neamh-dhíreach, neamh-mhín, malluighthe, fachta go cam. Is neamh-mhacánta an duine é, aon rud a gheóbhadh ar bóiléagar d'árdóchadh leis é: neamh-ionraic: neamh-dhíreach: bradach: cam. Madra neamh-mhacánta, do bhéarfadh ort gan rómhoill: malluighthe: droich-mhianaigh. An t-airgead atá aige is airgead neamh-mhacánta é, ní d'allus a ghruadh a rinne sé é: a shroicheadh go cam, calaoiseach, éagcórach. Níor mheastamhail an rud duit labhairt chómh neamh-mhacánta lé manoi is dheinis: neamh-mhín: neamh-bhéasamhail. Faid is tá aithne agus eolas agam air níor chuala focal neamh-mhacánta ag sceinneadh ó n-a bhéal: focal suainseánach. Is í an fharraige atá go neamh-mhacánta anois, níor mhaith liom bheith uirthi: garbh, borb. Neamh-mhacánta an imirt duit ceileabhradh: calaoiseach, cam. Bheinn neamh-mhacánta leis an té a chuirfeadh orm gan chúis: malluighthe.

neamh-mhacántacht: *b.3.* neamh-dhírighe, neamh-ionracas, malluightheacht, neamh-mhíne, neamh-chneastacht. B'éigean do scaramhaint lé hoibridhe maith capaill lé n-a neamh-mhacántacht, bhí sé an-chonntabharthach, do speachfadh gan choinne leis: malluightheacht: droich-mhianach. Ní choimeádfí aon áit lé n-a neamh-mhacántacht, aon rud go gcuirfeadh a shúil budh leis é nó an t'anam do chailleamhaint: claonadh lé fealladh is mealladh: neamh-dhírighe. Lé neamh-mhacántacht na leanbh ní fhéadfá a bhfágaint i bhfochair a chéile nóimint gan iad do bheith i gcochall a chéile: ceal míne, ceal deighiomchair. Dá mbeadh sé ar an bhfear is dírighe sa domhan tá súil na neamh-mhacántachta istigh ina cheann: neamh-chneasta, súil an chladhaire. Éinne a dhéanfaidh neamh-mhacántacht sa chluiche seo, amach leis: calaois: camasghail. Sid é airgead na neamh-mhacántachta is róbheag an t-allus a sileadh chun a ghnóthuighthe: ná tháinig go díreach, ionraic. Nách neamh-mhacántacht dhuit bréag d'innsint dom: claontacht lém mhealladh is dom chur amudha.

neamh-mhachtnamh: *f.1.* ceal cuimhnte nó smaoinimh mar budh cheart; neamh-shuim; neamh-thaise. Neamh-mhachtnamh dom gan faic do chur chughat i gcóir na Nodlag: neamh-shuim: gan tú do theacht im smaoineamh. Mise do bhean, id neamh-mhachtnamh i gcómhnaidhe, is cuma leat ach bheith ag cuimhneamh ort féin: gan smaoineamh ar bith.

neamh-mhagamhail: *a.* gan mhagadh, neamh-chnáideach, neamh-fhonmhódach, neamh-shúgramhail; neamh-ghreannmhar; neamh-bhrabúchamhail, gan bheith easurramach. Creid an uile fhocal uaithi, cailín neamh-mhagamhail í sin: ná beadh ag innsint éithigh chun grinn do bheith aice ort. Scéal neamh-mhagamhail é seo, b'fhearra dhuit é do thógaint i ndáiríribh: nách cóir gáiridhe do dhéanamh fé. Anois atá an coimheascar neamh-mhagamhail ar an dteórainn thoir idir an Rúis is an Almáin, na mílte mílte fear dá threascairt de ló 'gus d'oidhche: nách féidir beag-cheann do thógaint de: nách ag súgradh lé chéile atáid. Obair neamh-mhagamhail í seo, is cuma cad é tuairm dhaoine áirighthe, tá sí tábhachtach, trom, deacair: níl aon chaitheamh aimsire ag baint léi. Beidh gach neamh-mhagamhail fé siúd go bhfuil cion ar a chloigeann aige: ní bheidh claon lé greann ná magadh fé.

neamh-mhaidir (le): *rádh r.fhch.* Ar gach slighe a ainmeófá go maidean táir neamh-mhaidir leis: neamh-chosamhail. Táir-se óg, láidir neamh-mhaidir leis siúd atá aosta, cromtha anois: ní hé a dálta aige é: a neamh-dhálta aige é. Chaithfeadh sé, mar ná leigfeadh an ghealtántaidheacht do é, bheith neamh-mhaidir le héinne annso is bheith ag déanamh ceóláin de féin: neamh-dhálta: corr lé gach duine.

neamh-mhairg: *b.2.* ar díth bróin, buaidhrimh, ceisnimh, truaighe etc. Tá an namhaid ag fagháil a dóthana dhe 'sis neamh-mhairg liom-sa san: nidh ná cuireann buaidhreamh aigne orm. An rud is measa a thárlóchadh do ach gan a ghortughadh budh neamh-mhairg leis é: ní chuirfeadh aon chaduaic air. Is neamh-mhairg liom aon rud do dhéanamh duit atá ar mo chumas: aon mhearbhall aigne ní chuireann orm. Mo neamh-mhairg mo namhaid ar lár: neamh-thruagh. Mór an náire agus an aithis duit neamh-mhairg do thighe is do mhuirir ort is tú annsan go súgach ag ól: neamh-bhuaidhreamh: gan iad 'na n-ualach ar a aigne. Is breágh an tabharthas do an neamh-mhairg ná goilleann aon rud air: ná tógann sé díth ná dochar ar a chroidhe. Ní neamh-mhairg nár fhanais: is maith an rud nár. "Táthar ar do thí, agus an chéad chao a geóbhfar ort íocfair as" – "mo neamh-mhairg é": aon bhuadhairt aigne ní chuireann orm-sa. Don neamh-mhairg is fusa maireachtaint: don té ná tógann clampar is iomard ar a chroidhe. Is neamh-mhairg aige (leis) an t-ualach san d'iomchar .i. chómh láidir ná cuireann sé aon duadh air.

neamh-mhairgeach: *a.* neamh-mbrónach, neamh-bhuadhartha, neamh-cheisneamhamhail, neamh-thrí-chéile; neamh-chásmhar; neamh-anacair. Cé déarfadh gur neamh-mhairgeach an aimsir í seo ar roinn na hEóraipe mar a bhfuil an cath is uathbhásaighe dár cuireadh riamh ar siubhal agus gorta is aicíd i mbéal doras aca: neamh-anacair. Leigeas orm bheith chómh neamh-mhairgeach is b'fhéidir liom ná tabharfainn lé rádh gur ghoill a dtarcuisne orm: neamh-chásmhar. Budh neamh-mhairgighe i ndiaidh a báis é 'ná dá mbeadh sí ina beathaidh inneósaidh san duit an cion a bhí aige uirthi: neamh-bhrónaighe. Budh neamh-mhairgeach leis maitheas do dhéanamh d'éinne tá sé fíor-ghalánta: ní bhraithfeadh sé pé duadh do gheóbhadh sé uaidh. An saoghal neamh-mhairgeach is mise breóidhte brónach: neamh-shuimeamhail: gan aon áird ar mo chás. Is neamh-mhairgeach an duine indiu me, gach aon rud ar mo thoil féin agam: gan faic ghom bhuadhradh.

neamh-mhaise: *b.4.* neamh-áilne, neamh-mbail, neamh-mhaitheas, neamh-mbuaidh, neamh-iomchar; neamh-chuibheas. An cleamhnas a bhí socair idir í féin agus é do bhris sise é nuair chonnaic sí a neamh-mhaise - níor thaithnigh a chosa móra ná a shrón fhada léi: neamh-áilne: mío-thaithneamhacht. Féd neamh-mhaise nár thagair (deagh-ghuide): slán beo, rathmhar go bhfillir: oiread is luach feóirlinge ar mío-órdughadh nár imthighidh ort. Ní neamh-mhaise dhuit dul in aonfheacht leó: ní misde thu é. Ní neamh-mhaise dhuit comaoin do chur ar éinne: ní neamh-fheárrde thu é. Ní neamh-mhaise do éinne bualadh leis siúd tamall de lá, duine grádhmhar, cuideachtamhail: ní mío-thaithneamhach é: ní dochar ar bith dho é. Is neamh-mhaise leis gach rud dá néim: neamh-mhian. Is neamh-mhaise leó saidhbhir me: an ghráin aca orm ina thaobh.

neamh-mhaiseach: (**-seamhail**) *a.* neamh-thaithneamhach, neamh-chuibhe, neamh-mhaitheasach, neamh-ghléasta, neamh-bhláthmhar, neamh-shlachtmhar. Áit neamh-mhaiseach gur fada liom do bhím ann, poll gránda, múchta idir dhá chnoc: neamh-thaithneamhach, neamh-áluinn. Is neamh-mhaiseach atá sí gléasta, ní thagann dath an éadaigh sin in ao'chor di: neamh-shlachtmhar. Budh neamh-mhaiseach an gníomh uait an bhean do dhiúltadh ar an suidheachán: neamh-chuibhe: neamh-bhéasach. Níor chuala riamh ina dhiaidh ach é do bheith neamh-mhaiseach nár dhein comaoin do chur ar neach riamh: neamh-mhaitheasach. Ná heachtruigh an scéal neamh-mhaiseach san airís: ná fuil béasamhlacht ná áilne leis.

neamh-mhaith: *a.* neamh-áiseamhail, olc, neamh-fholláin, neamh-fhóghanta, urchóideach. Duine neamh-mhaith nár thug riamh uaidh déirc: neamh-fhlaitheamhail. Is beag deoch mhearbhaill ar thógaint an iomada dhi ná go bhfuil neamh-mhaith: olc don gcorp. Bíonn Dia maith don duine neamh-mhaith: peacamhail. Ní raibh sé ann a bheith níos neamh-mhaithe liom: mí-chineálta. Feoil neamh-mhaith tá sí rófhada marbh: gur mó an t-olcas 'ná an mhaitheas do dhéanfadh. Leigeas tharm a chuid tarcuisne budh neamh-mhaith liom aon rud do rádh a ghoillfeadh air: ní raibh de mhian aige.

neamh-mhaith: *b.3.* neamh-rud, neamh-ghníomh, neamh-chomaoin, neamh-bhail, neamh-fheabhas, neamh-thairbhe, neamh-áis. Mara ndeárna sé maith ní dheárna sé neamh-mhaith, sin a bhfuil de mholadh agam air: díth: dochar. Neamh-mhaith ar an ngort an ghaoth do luighe ar na gasaibh an oiread san: cur siar: díoghbháil. Neamh-mhaith d'aon dúthaigh cogadh do bheith innte: dochar: díoghbháil. Saghas athruighthe tagtha ó airéir air, tá neamh-mhaith mhór indiu: olcas. Is neamh-mhaith dhuit do bheith leis, tá sé ró-cheanndáine: neamh-thairbheach. Dhéanfá mo neamh-mhaith dá bhfaghfá an lom orm, is rómhaith leat mar táim: mo dhíoghbháil. An neamh-mhaith a dhéineann guirteamas do níor cheart do dul i ngoire aon bhiadh saillte: an cur-siar.

neamh-mhaithe: *b.4.* neamh-thairbhe, neamh-bhail. Ná bí ag spreagadh an gharsúin chun gadaidheacht, ná bí ar neamh-mhaithe leis: ná bí ag moladh aimhleasa dho. Ní har neamh-mhaithe leis féin a tháinig sé annso chómh grádhmhar, muinnteartha: ar son a aimhleasa. Ní bheinn ar neamh-mhaithe leat, chómhairleóchainn duit díol amach is greadadh: leagtha lé díth do dhéanamh duit. Ní har neamh-mhaithe leat do bheadh sé, budh cheart duit dul dá réir: ar do shon do bheadh sé ghod threórughadh.

neamh-mhaitheas: *f.1.* neamh-chomaoin, aimhleas, neamh-thairbhe, neamh-rud, neamh-éifeacht. Is oth liom a rádh gur ag dul i neamh-mhaitheas atá sé, aon fheabhas ní dheaghaidh ar a iomchar lé déidheannaighe: olcas. Is iomdha neamh-mhaitheas déanta aige orm nuair b'fhéidir do a mhalairt do dhéanamh: mío-bhail: dochar. Is neamh-mhaitheas bheith ag cainnt nuair bhíonn an gníomh déanta: neamh-thairbhe. Bíodh sé agat agus fáilte, neamh-mhaitheas dómh-sa é: neamh-áis.

neamh-mhaitheasach: *a.* neamh-chomaoineach, aimhleasach, neamh-thairbheach. Neamh-mhaitheasach do dhuine do bheith ag gol ar na mairbh: neamh-thairbheach dóibh agus dúinn. Duine neamh-mhaitheasach nár shín a lámh riamh i gcóngamh éinne: neamh-chomaoineach: gorta. "Mo neamh-mhaitheasach! an t-uisce", ars an póitire, "is é an deoch neamh-mhaitheasach é": gan brigh ná suiméar ann. Níl aon ionbhaidh iascaigh ann, is neamh-mhaitheasach dul ar an mbannc anois: neamh-thairbheach. Dubhán neamh-mhaitheasach anois é, tá sé ithte gen meirg: gan áis feasta. Ná bí chómh neamh-mhaitheasach san ná go dtabharfá lámh leis: do-chroidheach. Ní lán-mhór an croidhe a bhí riamh aige ach is neamh-mhaitheasaighe anois é 'ná riamh: is cruinne agus is neamh-éascaidhe ar bail do chur ar dhuine. Sin é an capall neamh-mhaitheasach, iallait ná srathar ní cuireadh riamh air: neamh-thairbheach. Neamh-mhaitheasach an scian í tá sí rómhór, is cosamhail lé cloidheamh í: neamh-áiseamhail. Bean neamh-mhaitheasach nár iarr orainn an raibh béal againn agus a fhios aice go raibh tart is ocras orainn: go raibh croidhe cruinn sprionnlaithe aice.

neamh-mhall: *a.* tapaidh, mear, éascaidh, féicheamhanta. Is é a dhéin a shlighe go neamh-mhall isteach tríd an gcruinniughadh ag brughadh is ag guailneáil gach duine as a shlighe: gan faillighe, neimh-iongtach. Ní neamh-mhall é chun a chúrsa do chur in iúil: is beag a bhíos ciotach leis nuair ghearánann. Coisidhe neamh-mhall ar bóthar: a chuireas mórán slighe dhe in aimsir áirighthe. Ní neamh-mhall é fé n-a bhuile: bhuailfeadh go tapaidh thu nó ar bheagán cúise. Ná bí neamh-mhall chun cainnte: ná bíodh groga ionat.

neamh-mhaoidheamh: *f.1.* neamh-bhladhgar, neamh-scaothaireacht; neamh-mholadh as ghníomhartha; neamh-fhormad; neamh-éad. Éist leis ghá mholadh féin go cannaibh na gréine, ní neamh-mhaoidheamh beag é: bladhgar mór. Ní gábhadh dhuit an neamh-mhaoidheamh go léir ar a bhfuil déanta agat, níl formad ag éinne annso leat: cnáimhseán mí-cheart. Tar éis na mbeart iongtach a rinne an t-arm ní raibh lé tabhairt fé ndeara ach an neamh-mhaoidheamh: easbhaidh sár-mholta. B'fhearr liom neamh-mhaoidheamh mo bheart, duine neamh-mhórchúiseach: gan bheith ghom mhóradh féin asta go háidhbhéiseach, mórdhálach, bródamhail. Chun a chirt féin do thabhairt do, duine neamh-mhaoidhte seadh é: ní chloisfeá choidhche ghá mholadh féin é as aon rud a rinne sé. Dá mhéid de ghustal an tsaoghail agam tá na comharsain go han-mhaoidhteach orm: gan formad aca fém mhaith shaoghalta.

neamh-mhaoidhteach: *a.* neamh-mhórdhálach, neamh-tháscalach, neamh-fhormadamhail, neamh-éadmhar. Is neamh-mhaoidhteach an fear é dá mhéid a ndeárna sé: ní chloisfeá focal uaidh ghá mholadh féin. Táir neamh-mhaoidhteach as a rinne tú dho: ghod mhór-mholadh féin. Níl sé neamh-mhaoidhteach orm breis do bheith agam ná fuil aige féin: formadamhail: gan deaghthoil dom toisc mo mhaitheas breise shaoghalta.

Duine neamh-mhaoidhteach as a ghníomharthaibh é agus ar fheabhas chao: níl sé bladhgarach, bóibéiseach, ná níl formhad aige fé mhaith chách.

neamh-mharbh: *a.* beó, tapaidh, prap, aicillidhe. Nuair chonnac an chuma neamh-mharbh a chuir sé chun a dhéanta d'aithnigheas nár bh'aon amadán ar a chúram é: beó, mear, neamh-mhall. Lá neamh-mharbh a dhóthain chun seóltóireachta, leóithne cómhshnámhach ann: lá anamamhail. Uisce neamh-mharbh é ní fhéadfadh sé bheith go holc lé n-ól: atá ag rith. Thug sé stracadh neamh-mharbh do bhun mo chasóige go staonfainn: prap, bríoghmhar. Bitheamhnach tairbh é sin d'aithneóchainn ar an súil neamh-mharbh atá ina cheann é: aibidh, beó, géar-aireach. Bíodh do dharadha neamh-mharbh nó ní bhraithfir priocadh an éisc: teann gan lúba.

neamh-mharbhthach: *a.* neamh-thubaisteach, neamh-chruadhálach, neamh-mhaislightheach. Ní ceart duit bheith ag gearán, saor go leór a tháinighis as, ní bhfuairis aon bhuillidhe ach buillidhe neamh-mharbhthacha: ná raibh tubaisteach. Ná cuir ort féin ach ualaighe neamh-mharbhthacha má thógair mo chómhairle-se: go mbeir os chionn do chumair ina n-iomchar. Bóthar neamh-mharbhthach seadh é chun ualaighe troma: réidh: ná fuil dian maidir lé hárdánaibh is uachtar maith. Cá hiongadh aois mhór do shroichstint, obair neamh-mharbhthach a bhí riamh air: ná raibh mórán duaidh ag gabháil léi. Cainnt is mó atá aige, duine neamh-mharbhthach é sin: neamh-dhíoghbhálach. Neamh-mharbhthach í an peann seachas an rann, adeir an feirmeóir go neamhthuiseach: neamh-dhuaibhseamhail.

neamh-mharcaidheacht: *b.3.* droch-mharcaidheacht nó gan marcaidheacht mar budh cheart. Neamh-mharcaidheacht deireadh trucallach nó tosach báid, gheóbhfá suathadh an domhain: marcaidheacht neamh-shocair. Neamh-mharcaidheacht a chaill an rás don gcapall san: marcaidheacht mí-cheart.

neamh-mheabhair: *b.5.* ceal céille, brighe. Nách mór an neamh-mheabhair a bhí ag an ndigh air gur ag imtheacht ón dtigh a bhí sé, in ionad, dar leis, bheith ag druideam fé n-a dhéin: mearbhall incheann. Nách air do chuir Dia an neamh-mheabhair is a bheart do thréigean gan aon rud in áirighthe aige: mar bhain a chiall is a éifeacht de. "Is beag duine ná go mbíonn beagáinín neamh-mheabhrach air": díth céille beag éigin. Ní indiu ná indé ar neamh-mheabhair dó san, ná cuireadh éinne nath in aon rud a dhéineann sé: gan é bheith ar an ngnáth-aiste incheann.

neamh-mheabhrach: *a.* gan mheabhair, gan cuimhneamh, neamh-éifeachtamhail; go neamh-ghéar-inntineach. Duine neamh-mheabhrach ar fad ná tabharfadh fé ndeara ar na péacannaibh a bhí aca dhá thabhairt fé chéile go rabhadar ar tí pléasctha chun cogaidh: duine gan éifeacht: ná bainfeadh tátall as na cómharthaidhthibh sin. Bhíos chómh neamh-mheabhrach san um an dtaca nár bh'eól dom cad a bhí ar siubhal agam: m'inchinn chómh suaidhte ná féadfainn machtnamh go soiléir. Táim comh neamh-mheabhrach agus is féidir do bheith tímcheall rudaidhe deaslámhacha do dhéanamh: neamh-ghéar-inntineach: níl tionnscal ar bith ionam. Níl aon leathscéal aige útamáil do dhéanamh, ní haon neamh-mheabhrach atá air ach neamh-chríochnamhlacht: eólgaiseacht a dhéanta.

neamh-mhéadaidheacht: *b.3.* neamh-bháidheamhlacht, neamh-thoirt, neamh-mhórtas, neamh-mhórdháil. Tamall bhíodar chómh mór lé chéile is bheadh bó is cóca féir, pé slighe thárlaidh an neamh-mhéadaidheacht ná labhraid lé chéile anois: ceal cóimh-cheana. B'éigean do bailiughadh leis as an gceanntar lé neamh-mhéadaidheacht na gcómharsan: ceal báidhe. Chuir neamh-mhéadaidheacht na dtreabh a bhuail leis isteach i gcrioslach na dúthaighe fiadhaine iongadh air, ní mór fara breis is cheithre troighthe ar aoirde iad: toirt shuarach, neamh-ghnáth. A neamh-mhéadaidheacht d'fhear is an clódhchas go léir a chuirfeadh ag gáiridhe duine: a shuaraighe. Taithnigheann a neamh-mhéadaidheacht lé gach duine, mar a chéile aige uasal is íseal, bocht agus saidhbhir, an coidreamh céadna is é é: neamh-mhórdháil: modhamhaileacht. Is fearr as do bheadh sé agus b'fhearr leis na daoinibh é ar ádhbhar neamh-mhéadaidheacht a chleachtadh is gan bheith ag lútáil ar staigínidhibh is bodachaibh an bhaile mhóir: éirim na bréag-ghalántachta do thréigean. Níl aon neamh-mhéadaidheacht fós ar an gcnapán, tá chómh mór agus bhí riamh: luigheadughadh.

neamh-mheádhaim: *b.a.* neamh-thómhaisim, neamh-mheasaim, neamh-thoghaim. Á, is é tháinig liom gur neamh-mheádhas m'fhear dréir a neamh-mheádaidheachta, cheapas ná raibh leath oiread nirt: níor mheasas mar budh cheart: níor chuireas is níor chúitigheas tréithe an duine. Cé go raibh amhras láidir ges na tíorthaibh eile ar chómhacht na Gearmáine do neamh-mheádhadar a treise, níor taidhbhsigheadh dóibh leath a móir-nirt: níor mhachtnuigheadar, níor ghéar-scrúduigheadar. Is iomdha rud a neamh-mheádhann duine ina aigne go neamh-thoilteanach nár cheart do bheith dian ina thaobh air: ná ceapann sé an ceart do.

neamh-mheadhar: (**n-mheidhir**) *b.5.* (*-dhrach*) neamh-shult, neamh-ghirréis, neamh-shubhachas, neamh-shúgacht. Mar bhuailfeá do dhá bhais ar a chéile an chóisir a bhí ag rinnce go sultmhar d'imthigh an neamh-mheadhar díobh nuair thuit duine aca ina phleist marbh i gceann a chos: an greann, na gáiridhe is an gealadhram croidhe, tháinig duairceas air. "Neamh-mheadhar is ocras mo dhán anois i rith an chogaidh", ars an dolbhach: duairceas: ceal áthais croidhe. Níor bh'fhios duit connus raghfá fé n-a dhéin duine go mbíonn neamh-mheadhar air furmhór a shaoghail: gruaim is dubhachas. Caith siar an braon bríoghmhar san, bainfidh sé an neamh-mheadhar díot: ceal suilt.

neamh-mheadhónaidheacht: *b.3.* neamh-chuibheasacht, neamh-mhodhamhaileacht, neamh-mheasardhacht. An neamh-mheadhónaidheacht tímcheall an bhúird aige go measfá go n-íosfad cuid gach éinne eile i dteannta a choda: neamh-mheasardhacht: do dhul tar chailc: thar teórainn. Ná déin neamh-mheadhónaidheacht air, nách maith an rud smut: bí caileamhail air: ná tóg oiread is thaidhbhseóchadh mí-cheart.

neamh-mheadhónamhail: *a.* neamh-chuibheasach, neamh-mheasardha, neamh-theóranta. Táir ró-neamh-mheadhónamhail id ráidhtibh ar fad, chuirfidís aithis ar éinne lé n-a mbuirbe: gan teórainn, thar cailc: mí-chuibheasach. Má bhír chómh neamh-mheadhónamhail is go dtugann gach éinne fé ndeara thu go míchéadfadhach caithfead scaramhaint leat: gan aon tsrian leis an dteangain.

neamh-mheadhrach: *a.* neamh-shultmhar, neamh-ghirréiseach, neamh-shúgach, neamh-mbeó, neamh-ghleáchasach. Cad thárlaidh dhuit go bhfuilir chómh neamh-mheadhrach san, níl cuma seóidh ná grinn ort: neamh-shultmhar, gruamdha. Le linn báistighe is fuachta bíonn na héanlaithe go neamh-mheadhrach: gan fonn ortha cantain. Is í an chuideachta neamh-mheadhrach í, budh dhóigh lé duine gur tórramh a bheadh ann: duairc gan gleáchas ná anamamhlacht. An lá is fearr dá bhfeaca riamh é is go neamh-mheadhrach é: gan oiread is fáth an gháire air ná focal seóidh as a bhéal: neamh-lúthgháireach. Is agam atá an croidhe neamh-mheadhrach anois go bhfuil mo dhaoine go léir sa chré is an brón ghom chlaoidheachtaint: gan sult.

neamh-mhéadughadh: *f.* (*-uighthe*) neamh-bhreis, neamh-mhóradh, neamh-uaisliughadh. Neamh-mhéadughadh ar do chuid chughat, a alfraits, mar is go cam do bhailighis é: a thuilleadh nár thagaidh air. Neamh-mhéadughadh ort: nár théighir chun cinn ar aon tsaghas slighe. Is mór an neamh-mhéadughadh atá ar an bpobal san áit seo: luigheadughadh. Neamh-mhéadughadh ar do cháil do bheith ag maoidheamh asat féin: ísliughadh uirthi. Neamh-mhéadughadh bochtanachta san áit obair do thabhairt do dhaoinibh: feabhasughadh a slighe bheatha.

neamh-mhéaduighim: *b.a.* $_7$ *n-a.* neamh-eascraim, neamh-bhorraim, neamh-fhairsingighim, neamh-mhóraim. Neamh-mhéaduigh ar an siubhal nó 'on díg do raghair: staon. Nuair chonnacthas a dhearmhad do neamh-mhéaduigh ar a bhuile: níor bhorr sé a thuile. Ó imthigh an dimileaghadh ar an iascach sa cheanntar is mór mar neamh-mhéaduigh postaidheacha: ná déintear an oiread díobh. Neamh-mhéaduighis ó chonnac thu fadó riamh: ní tháinig puinn toirte ort. Neamh-mhéadóchad-sa an meas fé sin nó tabhair alfraits orm: bainfead dá chleitidhibh: bainfead smut den mórdháil is den éirghe anáirde dhe.

neamh-mheanma: *b.5.* ísle bhrighe, neamh-mheisneach, laige aigne; neamh-áthas. Cad chuir an neamh-mheanma ort indiu? níl cor as do theangain: ísle bhrighe: duairceas. Tháinig neamh-mheanma orm cur chuige is chúlas: chaill mo mheisneach orm. Ghlac sé neamh-mheanma roim an dtroid is theich sé: tháinig laige spiride air. Cuireann an scéal brónach so neamh-mheanma orm: fágann gan mheisneach me chun ruda ar bith do dhéanamh. Ní raibh sé de neamh-mheanmain ionam tarrac le buille tubaisteach air, cé go raibh sé tuillte aige: de dhroich-spirid.

neamh-mheanmnach: *a.* neamh-spirideamhail, neamh-mheisneamhail, neamh-shultmhar, neamh-mbeó. Labhair sé chómh neamh-mheanmnach san gur scaip na daoine, nár bh'fhiú leó éisteacht leis: gan anam, gan faghairt. Is neamh-mheanmnach an gníomh duit páiste beag d'eiteach: neamh-fhial: neamh-uasal. Is sinn ná raibh go neamh-mheanmnach an oidhche úd go raibh an bhainis againn maidir lé biadh, deoch, ceól is rinnce: ná raibh ár spirididhe dubhach. Dá dtagadh na mílte ó neamh chuige ní bheadh sé ar a mhalairt de chuma ach neamh-mheanmnach, gnúis dhorcha, dhuairc air is gan focal as, ar nós an phúca: gan spirid, gan phreab, gan fonn suilt ná grinn.

neamh-mheanmnacht: *b.3.* neamh-bhríoghmhaireacht, neamh-anamamhlacht, neamh-chroidheacht; neamh-mheisneamhlacht. Gach bráighe dár thuit linn fuaireamair amach go

raibh neamh-mheanmnacht catha ortha is gurb é sin fáth gur ghéilleadar: neamh-fhonn: múchadh spiride is meisnigh. Niúididhe neáididhe duine seadh é a chuirfeadh neamh-mheanmnacht ar éinne dul i dtreis gnótha leis: síománaidhe a chuirfeadh mío-dhóchas ort. Dá mhéid is dá mhinicidhe a bhí díombáidh is neamh-choinne dhá chur air níor chuir neamh-mheanmnacht air, bhí sé chómh beó beathadhach tar éis gach iomaird is bhí riamh: briseadh ná laige ar a spirird.

neamh-mheanmnughadh: *f.* (*-uighthe*) do mhí-mheisniughadh, neamh-áthasughadh, do chur áthais, suilt ar ceal. Plúr is té go leór fé lón aca ach ag leigeant ortha ná fuil gráine chun bheith ag neamh-mheanmnughadh na ndaoine: ag cur droich-mheisnigh ortha: lagughadh a spiride. Beag an mhaith bheith ghá neamh-mheanmnughadh súd, ar nós an chloch leis an ruibe, tabharfaidh aghaidh ar an éacht atá roimis: do chur mí-mheisnigh air. Neamh-mheanmnughadh ar mo chroidhe an scéal duairc sin do chlos: scamall dubhach air. Ní fheadar céaca is lugha liom lucht mo mhí-mheanmnuighthe nó lucht mo neamh-mheanmnuighthe: níl focal mar seo ná mar siúd asta san. Neamh-mheanmnughadh i gcóir na cathrach ceal airgid: neamh-mheisneach.

neamh-mhear: *a.* mall, mío-thapaidh, neamh-lasánta, neamh-fhiadhain, mín, luath, obann, neamh-phrap, neamh-phras. Níor bh'fhéidir léi rinnce leis an gceol bhí sé neamh-mhear: rómhall. Neamh-mhear duine fé ualach .i. is éigean do gluaiseacht go réidh, righin. Ní go neamh-mhear a bheir ag cur díot mara gceapair do shuaimhneas: ní go mall ná go faillightheach. Shíneas mo lámh chun beartha air ach do chúb sé uaim, bhíos neamh-mhear do: neamh-phrap: neamh-phras: neamh-thapaidh ar an uain chirt. Súile neamh-mheara ná tabharfadh faic fé ndeara go deó: neamh-mbeó, neamh-aibidh: ná beadh luath chun rud do bhreithniughadh. Ní hé tuairm an droichmhianaigh a bheadh agam as ach tuairm na neamh-mhire: ná raibh sé luath chun feirge ná chun achrainn. Fás neamh-mhear seadh crann ubhall: an-mhall sara mbíonn ina lánthoirt.

neamh-mhearbhall: *f.1.* neamh-earráid; easbhaidh dul trí chéile, ceal dearmhaid, neamh-mheadhbhán, neamh-fhán, neamh-mhearaidhe, neamh-dhaille, neamh-dhallacántacht, neamh-dhall-aigne. Neamh-mhearbhall dom-sa é sin do dhéanamh duit agus fáilte: ní dhéanfaidh pioc ciotaighe ná buaidhreamh incheann dom. Cuimhne chruinn agam ar cad scríobhas sa leitir, is orm atá an neamh-mhearbhall ina thaobh: soiléire cuimhnte. É go léir, gach pioc de, ar neamh-mhearbhall istigh bailighthe im cheann: go cruinn, soiléir. Ní mór duit, agus athchuinighim ort é, an neamh-mhearbhall chun na hoibre seo do dhéanamh is gan oiread is pioc di do dhul amudha ort: léire inntine. An leanann neamh-mhearbhall an deoch so? má néann ólfad í: easbhaidh meisce. B'é an t-urchar neamh-mhearbhaill é, is cruinn do bhuail sé an marc: urchair neamh-fháin: ná deaghaidh amudha. Lá neamh-mhearbhaill agam dob eadh é, ghluais gach rud go réidh liom: mín: nár chuir buaidhreamh ná clampar orm. In neamh-mhearbhall do dheineas é, b'eól dom ná rabhas ag déanamh ceart: i bhfios soiléir. Is aoibhinn do é, an neamh-mhearbhall do chuir an saoghal air, ná braitheann a chlampar: neamh-bhuaidhreamh. Is mór de neamh-mhearbhall an oilcis do dheineann trom-obair don duine ort: tá eólas maith, cruinn agat air. Is air siúd atá an neamh-mhearbhall i dtaobh ar deineadh leis: gach rud a thárlaidh dho go baileach, soiléir ina cheann. B'fhéidir dómh-sa neamh-mhearbhall do chur ort mara n-oscalófá do shúile agus féachaint romhat: an dall-aigeantacht is an dallamalóg

inntine. Is ort a bhí an neamh-mhearbhall i dtaobh do choda féin den airgead, nách breágh mar thugais air dho: ceal dulta amudha: gan dearmhad críochnamhlachta.

neamh-mhearbhlach: *a.* neamh-earráideach, neamh-dhearmhadach, neamh-achrannach, neamh-mhearuightheach, neamh-mheascuightheach, neamh-mheisceamhail. An deoch neamh-mhearbhlach í seo? mar ní maith liom bheith ar meisce: neamh-mheisceamhail. Cuimhneóchaidh súd ar ar cuireadh air do dhéanamh mar is é is neamh-mhearbhlaighe amuigh: is lugha a dhearmhadfadh rud nó a raghadh amudha in áireamh. Oidhche neamh-mhearbhlach dob eadh againn í, chaitheamair go ciúin, macánta, meadhrach í: gan achrann ná dul trí chéile. Dán ná fuil ró-neamh-mhearbhlach é siúd, níor mhór duit a léigheamh breis is aon uair amháin agus cruinn chun na brighe do bhreith: doiléir, achrannach: claon lé duine do chur amudha. Caithfear gnóth neamh-mhearbhlach do thabhairt do toisc é do bheith neamh-thaithightheach, neamh-eolgaiseach: ná cuirfidh mórán duaidh ar an inchinn: neamh-achrannach. Is neamh-mhearbhlaighe feirmeóireacht 'ná múinteóireacht: is neamh-mhearaidhe: ní iarrann oiread machtnaimh is meabhrach chinn.

neamh-mheas: *f.3.* easbhaidh an luacha chirt do bhualadh lé rud, neamh-urraim, neamh-shuim, neamh-áird. An dóigh leat ná gur fiú chúig chéad púnt é agus ná gur neamh-mheas cheithre chéad do chur ina choinnibh?: do bhualadh luacha mí-chirt leis. Is é neamh-mheas atá san áit orm ná beannófí ar an mbóthar dom: ceal mothála ceana nó urrama. Lé neamh-mheas air do caitheadh cois claidhe gur loibh sé: neamh-áird: gan suim ag neach ann gur bh'fhiú a dhuadh d'fhagháil. An oiread san neamh-mheasa ar an iasc toisc a fhlúirsighe go gcaithtear i bhfarraige é: gan aon tor air. Nár mhór an neamh-mheas a bhí aige orm go ndubhairt ná beadh sé ag caitheamh aimsire liom: ceal machtnaimh gur bh'fhiú aonnidh me. Is mór go léir an neamh-mheas dhuit duine neamh-thuairmeamhail mar é do bhuadhachtaint ort, is an mhórdháil go léir a bhí id thaobh-sa: ceann fé. Ní neamh-mheas duit teicheadh nuair bhí an iomad id choinnibh: aithis ná náire. Neamh-mheas orm é, is dócha gur fhágas an tír is í i mbroid, pé olc maith leathscéal agam: táir.

neamh-mheastamhail: *a.* neamh-thuairmeamhail, neamh-ghalánta, neamh-fhearamhail. Ná bí chómh neamh-mheastamhail is go raghfá chun cocaidheachta lé cóip na sráide: neamh-shuimeamhail id chlú. Buachaill neamh-mheastamhail é sin air féin: gan aon éirghe anáirde, gan réim fé: modhamhail, maol. Buachaill neamh-mheastamhail a chuirfeadh cailín ó chrích: gan pioc den bhfear ann. Barra neamh-mheastamhail annso é: níl na daoine leanamhnach air.

neamh-mheathta: *a.r.* neamh-theipighthe, neamh-chlaoidhte, neamh-dhreóighte. D'aindeóin a throm-aoise is é atá go neamh-mheathta fós, cruaidh, fuinneamhail: ná fuil dulta ar gcúl. Ná fág faic ann ach na fáiseanna neamh-mheathta: iad so nár theip ar theacht. B'é budh neamh-mheathta a gheobhfá thabharfadh aghaidh go cródha ar aon ghuais nó clampar: budh mheisneamhala. Fear neamh-mheathta a thug dathad cloch ualaigh suas an staighre leis: ná raibh a neart dulta i ndísc. Iasc neamh-mheathta fós é: atá lé fagháil.

neamh-mhéid: *b.2.* neamh-thoirt, luighead. Mo neamh-mhéid a tháinig liom nár tógadh sa Gárdaidhe me, bhíos órdlach íseal: neamh-thoirt. B'iongtach leat an neart a bhí ann is a neamh-mhéid d'fhear: a luighead. "An bhfuilir sásta lé n-a bhfuairis?" – "go deimhin is ar a neamh-mhéid é" .i. é do bheith mós beag. Cad leis go mbeadh súil agat, is a neamh-mhéid (airgid) do thugais air?: a luighead: oiread is nách fiú trácht air. Neamh-mhéid na tíre neamh-mhéid na ndaoine .i. tír bheag pobal beag. Ar a neamh-mhéid cúise atá air níor cheart go raghadh puinn dlighe air: suarachas. Ag dul in aos dom ag dul i neamh-mhéid dom: le himtheacht aimsire ag dul i luighead me. Budh dheacair do aibiughadh ar a neamh-mhéid gréine do fuair sé: fíor-bheagán di. Bhí an oiread de neamh-mhéid airgid agam gur chaitheas na cosa do thabhairt do: suimín.

neamh-mheisneach: *f.1.* ceal meisnigh; neamh-chródhacht, eagla, neamh-chorráiste, meathtacht, neamh-fhonn. Dá mbeinn ar fóghnamh ní bheadh neamh-mheisneach bídh orm: neamh-ghuilm, neamh-fhonn chuige. Ar theacht don uain ná bíodh aon neamh-mheisneach againn roim Dhia. Cuirimís ár dtoil lé n-a thoil: aon scannradh i dtaobh ár bpeacaidhe. An chainnt dholbhach atá agat i dtaobh do bheatha is do shaoghail chuirfeadh sí neamh-mheisneach ar éinne: bhrisfeadh an spirid ann pé láidir í. Tháinig neamh-mheisneach air roim fhaid agus anacraighe an turasa gur fhan sa bhaile: tháinig neamh-mhuinghin aige as féin: neamh-fhonn.

neamh-mheisneamhail: *a.* neamh-chródha; eaglach, faitchíosach, neamh-chorráisteamhail, meathtach; neamh-fhonnmhar. Is neamh-mheisneamhla chun farraige é 'ná chun aonnidh eile: is eaglaighe é: neamh-spirideamhla. An aimsir seo táim neamh-mheisneamhail ar fad: neamh-spirideamhail: níl aon tapa ionam mar bheadh rud éigin ar mo shláinte. Is beag ná bíonn neamh-mheisneamhail roim an mbás: faitchíosach: doichilleach aghaidh do thabhairt air. Brathaim mo chapall neamh-mheisneamhail indiu: gan an tapa ná an anamamhlacht ann is gnáth do bheith. Má glaodhtar rómhoch orm bím neamh-mheisneamhail ag éirghe: neamh-fhonn is leisce orm. Scaoileas fé go neamh-mheisneamhail, admhuighim, is beag súil a bhí agam go n-éireóchadh liom: neamh-mhuinghineach. Ní deoch neamh-mheisneamhail braon de thé mhaith: ní rud é ná músclóchadh do spirid: ná spriogfadh duine. Bhítheas neamh-mheisneamhail asam mar nár fhoillsigheas puinn maitheasa riamh: neamh-iontaoibheach.

neamh-mheónamhail: *a.* neamh-ghasta, neamh-cháiréiseach; neamh-éirimeamhail. Is mairg a bhíos neamh-mheónamhail ar bheagán: neamh-ghalánta. Ná hith choidhche go neamh-mheónamhail i dtigh iasachta: an iomad nó go neamh-dheas. Bean neamh-mheónamhail seadh í dá mbeadh sí ar mhnáibh breághtha an domhain, féach an chuma bhíonn sí gabhtha: neamh-cháiréiseach: neamh-shuimeamhail ina deallramh. Buachaill neamh-mheónamhail ná héireóchadh is a shuidheachán do thabhairt don sean-mhnaoi: neamh-ghalánta: ná fuil aigne éirimeamhail ná deagh-bhéasach aige. Budh neamh-mheónamhail liom a rádh leis éisteacht cé gur bh'é budh chóra dho: in aghaidh m'aigne.

neamh-mhian: *f.1.* neamh-thoil, neamh-aigne, neamh-fhonn; neamh-éileamh, neamh-dhúil. Aon lá riamh budh neamh-mhian liom tú féin agus do dheáibreacha: neamh-thaithneamh. Níl aon neamh-mhian bídh orm, d'íosfainn lé guilm anois: aon chol leis: ceal éilimh. Má tá aon neamh-mhian súl aice is é é, níl lugha léi an bás 'ná é: rud nách

taithneamhach lé n-a súil: go mbeadh déistean aice dho. An dtiocfair, nó an bhfuil neamh-mhian ort?: neamh-fhonn: leisce aigne. Neamh-mhian coda an fhir thall is féidir leis do mhaoidheamh: gan sainnt chun sealbha éinne ach a choda féin.

neamh-mhilis: *a.* gan bheith milis, searbh, neamh-thaithneamhach, neamh-lághach. Ubhalla neamh-mhilse chuirfidís stróc ort: searbha. Is é a bhí go neamh-mhilis liom nuair loirgeas tobac ar cáirde air: goirgeach ina chuid cainnte. Imtheóchaidh san go neamh-mhilis de féin mara dtagann suaimhneas air nuair cuirfear rudaidhe áirighthe in iúil dho: bréan de féin: árd-mhí-shásta. Creid uaim-se dá mhéid meisneach a bhíos ag fear nách neamh-mhilis leis an t-anam .i. go mbíonn cion a chroidhe aige ar a bheatha.

neamh-mhilse: *b.4.* neamh-bhlastacht; neamh-chumhracht; neamh-bhinneas; gan blas an tsiúicre. Neamh-mhilse an té nách féidir liom a bhlas: a bheith neamh-thaithneamhach don dteangain is don gcarball. Neamh-mhilse a chuid briathar do scannraidh me, chuirfeadh sé an ruibe ina sheasamh ort: gan bheith taithneamhach don gcluais: garg-ghlór. A neamh-mhilse ar gach cuma ná taithnigheann liom: gan meón aice budh mhian leat. Neamh-mhilse mo ghotha is me ag amhrán gur chuireadar a méireanna ina gcluasaibh: mo gharg-ghlór. Taithnigheann neamh-mhilse an duine sin liom, an rud a bhíos ar a aigne deir go fearamhail é: neamh-phlámás.

neamh-mhín: *a.* garbh, neamh-bhéasach, fiadhain; neamh-réidh; neamh-shlinn; neamh-chiúin; neamh-cheannsa; neamh-ghéilleamhail. Lá neamh-mhín chun taistil farraige ródhubh, róghaothmhar: neamh-íseal, neamh-chiúin. Bóthar neamh-mhín ná féadfá, is tú do bheith ar do ghéir-dhícheall, puinn deabhaidh stacáin tríd aníos is mór-chuid ciseach ann: neamh-réidh: neamh-shocair. Na crobhanna neamh-mhíne atá ortha ó bheith ag síor-ghabháil do théadaibh: rocach, garbh, cnapánach. Budh chóir a thuilleadh don bplána do thabhairt do bhilleóig an bhuird seo, fágadh go neamh-mhín í: a huachtar neamh-ionann: cnapáin bheaga thall 'sabhfus. Is gránda an meón atá aige, labhrann sé go neamh-mhín leis gach éinne, snap is ullfairt ar nós an mhadra: neamh-chaoin: neamh-chneasta. Ainmhidhe neamh-mhín seadh an capall san fé chéachda, ach fé thrucail ar nós an uain do: neamh-shocair: neamh-chneasta. Duine chómh gleóite, meónamhail is bhuailfeadh leat i siubhal lae nuair bhíonn sé ar a chéill ach ar a mheisce chómh neamh-mhín lé tarbh buile: goirgeach: fiadhain: clamprach. Níor cheannuigheas í mar budh neamh-mhín liom mar ghluaiseann sí: neamh-réidh: neamh-shocair: gan suathadh ná tuairt do bhaint as. Ná teangmháil go neamh-mhín leis an gcneadh nó goirteóchair í, tá sí an-thinn: neamh-aicillidhe, neamh-aireach. Bearradh uathbhásach neamh-mhín do thugais dod chuid féasóige: neamh-ghlan: d'fhágais cuid den bhféasóig. Is neamh-mhín an cath é seo idir an Rúis is an Ghearmáin na laetheannta so, naoi milliún fear, na mílte áthrach aoir is na mílte trucaill armtha ag gabháil stealla ar a chéile gan sos ná staonadh: borb, díomasach, fuilteach, dásachtach.

neamh-mhion: *a.* neamh-sprionnlaithe, neamh-bheag. Prátaidhe neamh-mhiona: cnaip: toirteamhla. Riamh do fuaireas galánta neamh-mhion fé aon rud do bheadh aige, níor mhairg leis roinnt leat: gan aon phioc den sprionnlaitheacht ann. Is gearr eile a aithneóchaimís thu nách neamh-mhion thagair ar ár dtuairisc: annamh. Gheóbhfá tómhas maith uaidh, tá sé an neamh-mhion: fial, galánta.

neamh-mhinic: *a. 7 do-bh.* annamh, neamh-ghnáth. Is neamh-mhinic a chídhimíd é, b'fhéidir dhá uair sa mbliadhain: go hannamh. Is neamh-mhinicighe go maith é 'ná gan bheith ar fóghnamh: is gnáthach drochshláinteach é. Is neamh-mhinic sin aige: is annamh a dhéineann san.

neamh-mhóiréis: *b.2.* neamh-mhórdháil; neamh-lúthgháir; neamh-mhórtas. Níor cheart duit bheith neamh-mhóiréis ar rud atá déanta chómh maiseamhail sin agat: gan an meas budh chóir as do bheith agat ort féin. Nuair nár bh'fhéidir leis ceann ar bith des na ceisteannaibh d'fhreagairt chuir sé ádhbhar neamh-mhóiréise air: umhaluigheadh é. An rud is mó adubhairt sé liom a chuaidh i luighe gaibhte air i dtaobh an Phápa ná a neamh-mhóiréis: neamh-thóirtéis: ró-uaibhreacht: réadhchúis is cineáltas.

neamh-mhóiréiseach: *a.* neamh-mhórdhálach; neamh-mhórtaiseach; réadhchúiseach. Suidhte istigh go cúthail neamh-mhóiréiseach ar an gcruinniughadh is gach éinne ghá mholadh is ag tabhairt bualadh bas do: gan mórdháil ach oiread is nár thuill sé an suimiughadh ós na daoinibh. Budh chuma cá céim ná moladh a gheibheadh sé d'fhan sé chómh neamh-mhóiréiseach leis an gcéad lá: gan aon tóirtéis air as a cháil: maol, réadhchúiseach.

neamh-mhór: *a.* gan bheith mór; ar an dtaobh beag; neamh-fhairsing; neamh-thóstalach; neamh-thábhachtach; neamh-mhuinnteardha. Bric neamh-mhóra seadh iad d'abhainn go bhfuil oiread cáile éisc uirthi: ní bric ionmhaoidhte le toirt iad. Tír neamh-mhór seadh Éire i gcómhnáird lé tíorthaibh eile: neamh-fhairsing. Seadh, táid saidhbhir, ach táid neamh-mhór ionta féin, is beag aca coidreamh is cómhluadar na neamh-ghustal do dhéanamh: neamh-thóstalach: gan éirghe anáirde ná réim fútha. Rud neamh-mhór é sin, ní bheidh aon mhilleán ort ina thaobh: neamh-thábhachtach. Fé láthair – ná bodhair me leis! – táimíd neamh-mhór lé chéile, ní fhéachaimíd ar a chéile: neamh-mhuinnteartha. Airgead neamh-mhór a cuireadh mar chúiteamh air ar a raibh déanta de mháchail aige: nár bh'fhiú biorán is é. An mbeadh púnt neamh-mhór duit i gcóir na seachtmhaine?: ar neamh-leór duit é? Labhair sé go neamh-mhór ort, aon locht fén spéir níl ná fuair sé ort: go neamh-mheastamhail. Is maith é ach nách truagh é do bheith chómh neamh-mhór: gan an mhéid cheart.

neamh-mhothughadh: *f.* (*-uighthe*) neamh-mhothúilt; neamh-bhraithstint; neamh-bhreithniughadh; neamh-chloisint; neamh-mhúscailt. B'áidhbhéil an neamh-mhothughadh ar theas é nár bhraith sé iarann dearg dá chur ar a chroiceann: gan braithstint ag an gcorp air. Árd tráthnóna siar ann sar ar oscail sé súil glaoidhte dathad uair air, nár mhór an neamh-mhothughadh é?: neamh-mhúscailt. An oidhche a cuireadh an ola dhéidheannach ar a athair chuaidh sé ar rinnce, nách é go raibh neamh-mhothughadh ann: ceal taise. Chuala gur chaitheadar an oidhche ag liúighrigh tímcheall an tighe, nár mhór an neamh-mhothughadh dom nar bhraith iad: ceal géar-chlosa.

neamh-mhothuightheach: *a.* neamh-bhraithsteanach; neamh-bhreithnightheach. Is neamh-mhothuightheach an mac tu mara luigheann an teas áidhbhéil seo ort: gan bheith claon le teas do bhraithstint. Bhítheas ag glaodhach ort stair mhór, nách neamh-

mhothuightheach an raispín thu nár dhúisigh: gan braithstint glóir do bheith go láidir ann. Aon tsuim ní chuirfeadh i lán luinge do bháthadh, nách é atá go neamh-mhothuightheach: neamh-mhothálach: gan an céadfadh bróin do bheith go láidir ann. Chun na fírinne d'innsint ní duine neamh-mhothuightheach ar fhuacht me: goilleann sé orm.

neamh-mhúchta: *a.r.* aeramhail, fairsing; neamh-thachtuighthe; neamh-chluthair; neamh-dhoimhin. Talamh neamh-mhúchta ní deacair féar do shábháil air: ná fuil thíos i gclais. Tógfad an tigh san áit neamh-mhúchta so: scópamhail: aeramhail. Seómraidhe neamh-mhúchta atá ann gan dearmad: go bhfuil go leór aoir ghlain ionta is solais. Guth bhreágh neamh-mhúchta aige: glan, glé, so-chloiste, so-thuigse. Laetheannta neamh-mhúchta samhraidh: go mbíonn leóithne beag ann. Sid í an teine neamh-mhúchta cad tá ort mar sin: ná fuil in éag in ao'chor. Cuirfear an dlighe ar éinne go mbeidh soillse neamh-mhúchta aige in aimsir seo na duibhe-shoillse: gan cur as.

neamh-mhúineadh: *f.* (*-nte*) ceal múinte nó gan go leór; neamh-mbeásа, neamh-oileamhaint. Choidhche ní bheadh ionam a dhéanamh ar neamh-mhúineadh atá orm: ceal oileamhna. Nár chóir go mbeadh a fhios agat gur neamh-mhúineadh dhuit cainntiughadh lé mnaoi iasachta: easbhaidh béas. Gan athair gan mháthair aige is é a fuair an neamh-mhúineadh: neamh-oileamhaint.

neamh-mhuinighin: *b.2.* ceal nó beagán muinghne, neamh-dhóchas. Abradh gach éinne a rogha rud ina n-aghaidh lé n-a n-olcas is a meathtacht ach níl aon neamh-mhuinighin agam-sa asta: éadóchas ná faitchíos mór go dteipfidh ortha. Neamh-mhuinighin as féin a chaill riamh é: gan an dóchas do bheith aige as féin go bhféadfadh éirghe leis. Gidh gur dona an peacach me níl aon neamh-mhuinighin agam i (as) nDia an lá déidheannach ná go maithfidh dom: aon eadóchas: aon ghriogadh as a mhór-mhaitheamhnachas d'aindeóin mo chortha. Lé déidheannaighe chuaidh sé i neamh-mhuinighin go mór, níor fhan leath na dúthrachta ná na faghairte ann: chaill a mheisneach.

neamh-mhuinighneach: *a.* neamh-iontaoibheach, neamh-dhóchasach, neamh-sheasamhach (ar); neamh-dhearbhtha, neamh-dhaingean. Aimsir neamh-mhuinighneach seadh aimsir gheimhridh: gur deacair dúinn déanamh dearbhtha go bhfanfadh breágh. Droichead ró-aosta, neamh-mhuinighneach fé ualaighibh troma: nách féidir bheith deimhnightheach ná go mbrisfeadh. Thabharfainn cao dho, ní bheinn neamh-mhuinighneach as: eaglach ná déanfadh an bheart. Is gránda an béas atá agat bheith neamh-mhuinighneach as gach éinne, síor-amhras agat ar a ndírighe: neamh-dhearbhtha dá macántacht.

neamh-mhuinntearas: *f.1.* ceal caradais, cineáltais, léighe. Labharfad agus leis, cad fáth ná labharfainn níl aon neamh-mhuinntearas eadrainn: eascáirdeas, faltanas. Sid é barr an neamh-mhuinntearais ná tabharfadh lasán dom chun mo phípe do dheargadh: neamh-chineáltas: neamh-chion. Ní thaithnigheann in ao'chor leis a méididheacht atáimid lé chéile agus bíonn ag suainseán orainn d'iarraidh neamh-mhuinntearais do dhéanamh eadrainn: eascáirdeas: d'iarraidh sinn do chur in earrad lé chéile. Dá dtuigeadh sé i gceart me bheadh a fhios aige ná fuil aon neamh-mhuinntearas agam do: ceal mothála mheastamhail air. Mhéaduigh an neamh-mhuinntearas eatartha go dtáinig an ghráin

mhairbh aca ar a chéile is go rabhadar oireamhnach ar a chéile do sháthadh: an ceal cómhbáidhe: an ceal mothála san gur meas leat, gur mór agat, is gur deaghthoil leat duine.

neamh-mhuirearach: *a.* neamh-dhuadhmhar; neamh-throm; neamh-chlamparach; gan chlainn; neamh-chiotach; neamh-iomardamhail. Lánamha neamh-mhuirearach gan puinn costais an bheirt aca: lánamha gan leanbhaidhibh. Garsún neamh-mhuirearach i dtigh seadh é, ní mór an cur siar é: neamh-chostasamhail. Ar an ualach d'árdach ar uachtar do dhroma is neamh-mhuirearaighe bheidh sé: neamh-chlamparaighe agus is fusa d'iomchar. Ghluaiseas chun bóthair go neamh-mhuirearach d'fhonn breis siubhal do dhéanamh: gan ualach ná aon rud a dhéanfadh ciotaighe dhom. Obair neamh-mhuirearach go ndéanfadh leanbh í: gan duadh. Bórd sprionnlaithe neamh-mhuirearach: gan puinn bídh air. Is neamh-mhuirearaighe do dhaoinibh gustalacha clann do bheith ortha ná do dhaoinibh bochta, fós ní ortha is mó a bhíos a rath: neamh-iomardamhail lé cothughadh. Baile neamh-mhuirearach lé hoibriughadh, ualach neamh-mhuirearach lé hiomchar: furaiste, etc. Ní mór na ruibidhe atá ar do phlaosc anois, is neamh-mhuirearach atá sé: an-lom.

neamh-nádúir: *b.3.* ceal nádúra, dúthrachta, cineáltais, cneastachta, leanamhnachais, etc. Bheadh sé ag féachaint ar dhuine ag siolagar leis an ocras sara bhfiafruigheadh de an raibh béal air lé neamh-nádúir: ceal deagh-aigne na maitheasa. Sin mar theasbáin sé an neamh-nádúir atá ann me d'fhágaint goirtighthe sa díg gan lámh do thabhairt liom: ceal dúthrachta cabhartha liom. Riamh níor thugas fé ndeara ach an neamh-nádúir aige dos gach éinne, luach feóirlinge de chomaoin ní chuirfeadh ar neach: ceal flaitheamhlachta croidhe. Leis an neamh-nádúir níor thug lá oibre riamh do chách, ní fheacthas i sochraid é, ní dheárna ar m'eólas maith: ceal leanamhnachais is so-chroidheachta. Níl aon neamh-nádúir agam duit: níl droch-aigne ná mí-fhonn do mhaitheasa dá mb'fhéidir liom é dhuit agam.

neamh-nádúrtha: *a. n-dh.* easbhaidheach i mbáidh ghnáth; gan bheith dréir mar is gnáthach do thárlachtaint; gan bheith dréir dúthchais; neamh-chneasta, neamh-mhaitheasach. B'é an mac neamh-nádúrtha dá mháthair ná raghadh ar a tuairisc is ná tabharfadh cóngamh le linn a gábhtair di: gan an mhotháilt budh cheart dréir na fola. Aimsir neamh-nádúrtha feille-shneachtaidh do bheith ann sa gheimhreadh: ná fuil dréir na gcómhacht a léirigheas an domhan. Budh neamh-nádúrtha dhuit friotháilt ar gach éinne láithreach ach duine amháin: neamh-chineálta: neamh-dhúthrachtach. Claonadh neamh-nádúrtha aige lé bheith salach, ní nigheann ná ní ghlanann é féin: nách gnáth ag duine. Tugadh bás neamh-nádúrtha dho, caitheadh lé haill é: bás éigin.

neamh-náire: *b.4.* neamh-thámailteacht; neamh-mhodamhaileacht; neamh-scáthmhaireacht; neamh-chúthaileacht; neamh-aithis; neamh-tháir. Is air siúd do bheadh an neamh-náire rud do ghoid uait: neamh-mhotháilt aithreachais as mhothughadh cionntach. Bheadh an oiread san neamh-aire ort go n-imtheófá nochtuighthe trís an sráid gan mhairg: neamh-mhodhamhaileacht: neamh-bhanamhlacht: neamh-gheanmnaidheacht. Nách ort atá an neamh-náire bualadh isteach go buannachtamhail i dtigh nár leagadh do shúil air go dtí so: neamh-thámáilteacht: neamh-mhotháilt ná fuil sé dréir béas. Lán de neamh-náire, d'iarrfadh sé nó loirgeóchadh sé aon rud: gan

scáthmhaireacht ná ceal corráiste. Beidh neamh-náire orm é do lorg, nách é mo chuid féin é: ceal mothála go bhfuil aon rud neamh-cheart dhá dhéanamh agam.

neamh-náireach: *a.* neamh-thámáilte; neamh-scáthmhar; neamh-mhodhamhail; neamh-aithiseach; neamh-chúthail; neamh-tháir. Shádhfadh an rud neamh-náireach a cheann i gcúrsaidhibh an fhir thall gan chuireadh, gan iarraidh: duine tighearnamhail, ughdarásach: neamh-thámáilte. Ní cás do a cheann do thógaint go hárd, ní dheárna sé riamh ach gach aon rud budh neamh-náirighe 'ná a chéile: nár ghábhadh aithreachas ná brón ach meas is mórdháil do bheith asta. Bitheamhnach neamh-náirighe: dána: nár bh'fhéidir an luisne do lasadh ina ghruadh. Fuair sé bualadh náireach go neamh-náireach: bualadh gránda, aithiseach gan mhotháilt taise dho ná oiread agus freang maoithe i gcroidhe an dreama a rinne é. Leanbh neamh-náirighe roim dhaoine iasachta: ná bíonn támáilte ná ag dul i bhfolach uatha. Labhair go neamh-náireach leis: go dána, daingean.

neamh-nár: *a.* neamh-náireach; neamh-aithiseach; neamh-onórach; neamh-thámáilte. "Beidh sé thar lear ar feadh bliadhna ghá aoibhneas féin ó thír go tír" – "ní neamh-nár dó-san, tá an oiread san airgid aige chuige sin": is air ná fuil a bhac. Is neamh-nár liom aon rud a dhéinir: tá meas agam ort ina thaobh. Is neamh-nár leis gach éinne a dtárlóchaidh dár namhaid, mar tá breis agus é tuillte aice: neamh-aithreach. Ní neamh-nár do a cheann a thógaint ar a bhfuil déanta aige ar a chómharsanaibh: b'aithiseach an rud san do. Tá sí gabhtha go neamh-nár: meastamhail: galánta.

neamh-nath: *b.3.* neamh-shuim, neamh-áird. An neamh-nath leat éinne do bheith ag tabhairt achmhusán dod chineadh?: neamh-shuim: an chuma leat mar gheall air? Neamh-nath aige aon rud a fhéadfadh sé a dhéanamh do dhuine do dhéanamh: neamh-shuim: neamh-áird: neamh-mhairg. Neamh-nath aige bheith ag iomchar ualaighe troma i rith an lae leis an neart éachtach atá ann: duadh ná mairg ní chuireann air. "Tá do bhróga caithte" – "neamh-nath liom-sa san": cuma liom. Neamh-nath dom beagán do chailleamhaint ó tá breis is mo dhóthain agam: cúis ná cuireann cáiseamh orm. Neamh-nath a cuirtí sa Ghaedhealaing go dtí so: neamh-shuim: budh chuma lé daoinibh ina taobh. Ní déintear den bhfear san annso, dá méid an clú is an meas atá in áiteannaibh eile air, ach neamh-nath: ní tógtar ceann ná áird de: leigtear do.

neamh-nathmhar: *a.* neamh-shuimeamhail. Táim chómh neamh-nathmhar san chogadh so ná léighim na páipéir is ná cuirim a thuairisc ó Luan go Satharn: neamh-shuimeamhail: ní chaithim aimsir ná machtnamh leis. Ar chlos bascuighthe a chómharsan do bhí sé chómh neamh-nathmhar is dá mbudh dho dhuine san domhan toir a thárlóchadh tubaiste: aon tsuim ná mairg ní raibh aige. Bhítheas chómh neamh-nathmhar ina scéal go raibh gach éinne láithreach ag cómhchainnt 'sag gáiridhe dhóibh féin: neamh-aireach: gan suim.

neamh-nidh: *f. n-dh.* faic; náid; rud (duine etc.) neamh-thábhachtach; folt; seóid. Neamh-nidh atá ort, stad de ghearán, aon rian goirtighthe, tinnis etc. Budh neamh-nidh liom leanbh ghá dhéanamh ach duine go bhfuil a fhiacla caithte aige: ní chuirfinn aon tábhacht ann. Stoc ag imtheacht ar neamh-nidh ó theacht an ghalair béil is crúb: an-shaor ar fad. Ná déin neamh-nidh den gcnapán san ar do mhuineál, níl aon deaghchuma air,

féach chuige in am: ná déin beag is fiú dhe: ná tuig gur neamh-chonntabhairt é. Níor imthigh neamh-nidh ar an gcapall is an treascairt do bhaineas as: níor éirigh aon mhí-sheól do. Cuireadh sean-dlighthe na tíre seo ar neamh-nidh: ní cúisightear éinne fútha anois: ar neamh-mbrigh: níl feidhm aca anois. Do rinne Dia an uile rud as neamh-nidh: gan aon adhbhar. Neamh-nidh an duine sin: duine gan aon tábhacht. Níor bhain sé ach neamh-nidh as a shaothar: oiread is nár bh'fhiú d'áireamh. Leig an scéal ar neamh-nidh, níl aon rud mar an tsíothcháin: ná déin a thuilleadh clampair de.

neamh-neart: *f.1.* gan (leór) nirt; laige; neamh-chómhacht; neamh-ghustal; neamh-chumas. Toisc an neamh-neart a bhí agam ar theacht do chuireas sreang-scéal uaim ag innsint an fhátha: gan a bheith ar mo chumas. Leis an neamh-neart a bhí ionam, mar bhíos an-óg, ní raibh ionam an obair d'fhulang: laige. An neamh-neart airgid atá ag teacht leis gur leig sé uaidh a ghluaisteán: neamh-ghustal: ceal airgid. Mara mbeadh neamh-neart na gaoithe bheadh sibh ag seimint malairt puirt: mara mbeadh gan í do bheith láidir ní scarfadh sibh chómh saoráideach leis. Tá sé de neamh-neart ann anois gen mbreóidhtigh fhada do fuair sé ná féadfadh géag leis dho chorruighe: de laige. Tá an taoide ina neamh-neart anois: ina mhallmhuir: an uair is laige bhíonn sí. Is é leath-scéal atá ag Sasana ná raibh sí ach ina neamh-neart nuair buaileadh cogadh: ná raibh sí in aoirde láin a nirte. Is mithid do bheith ag dul chun neamh-nirte anois, is iomdha lá is bliadhain aige: fainne.

neamh-nigheachán: *f.1. n.* neamh-iomlán. Mo stocaidhe chómh salach is bhíodar riamh, sin é neamh-nigheachán a tugadh ortha: nigheachán neamh-chúramach: neamh-cháiréiseach.

neamh-nós: *f.1. 7 3.* nós gan mhaith, neamh-chuma, neamh-shlighe. Na teinte cnámh a bhíodh coitcheann ar fuaid na dúthaighe táid ag dul i neamh-nós: ní cleachtar chómh minic iad. Neamh-nós gránda aige bheith ag caitheamh silidhe amach i láthair daoine: nós nó béas neamh-thaithneamhach. Tá na cruitínidhe ar an bhfuinneóig ar neamh-nós: ar neamh-chuma: ní thagann sé lé gnathbhéas. Neamh-nós ait atá agat chun múinte: slighe leat féin.

neamh-ocrach: *a.* gan ocras, flúirseach, neamh-sprionnlaithe. Sheasóchadh sé tráthanna gan biadh, tá sé neamh-ocrach: neamh-chlaon le hocras do theacht air. Is féidir leó a mhaoidheamh go mbíonn bórd neamh-ocrach aca: go mbíonn flúirse bídh air. Tír neamh-ocrach Éire, buidheach 'o Dhia: dóthain mór na ndaoine lé n-itheadh innte. Cuir uait, pádh neamh-ocrach seadh trí púint sa tseachtmhain: neamh-shuarach. Nách cuthaigh an fear é? is air go bhfuil an chuma neamh-ocrach: neamh-shuarach: ná gur cothuigheadh go maith é. Mura mbeadh me do bheith chómh neamh-ocrach chun an tsaoghail budh dheas an phingin dob fhiú indiu me: neamh-dhúlmhar in airgead: neamh-shainnteamhail chun maoine an tsaoghail. Bean neamh-ocrach fén mbiadh nó aonnidh a bheadh aice í: neamh-sprionnlaithe. Tomhais go neamh-ocrach chugham: go fial, flaitheamhail.

neamh-ocras: *f.1.* díth ocrais, gan ocras, neamh-dhúil chun, neamh-shainnt; neamh-ghorta. Is iad ná feacaidh an neamh-ocras gan cheal, gan easbhaidh ó rugadh iad: an ceal bídh. Nuair chídhtear mór-chuid bídh deirtear "is neamh-ocras é". Ní íosfad aonnidh, tá

neamh-ocras orm: neamh-fhonn bídh. Ní fearra dho ar domhan é ná neamh-ocras chun an tsaoghail do bheith air, tabharfaidh Dia a dhóthain do, chómh maith leis an té a bheadh ar sciobaidh chuige: neamh-fhonn: neamh-ghuilm chun airgid do chruachadh. Chómh luath agus chonnac an neamh-chlódh a bhí ar an mbiadh tháinig neamh-ocras orm chuige: d'imthigh mo dhúil as. Siúd iad lucht an neamh-ocrais dá mbuailfeá isteach chúcha, b'olc leó is budh bheag leo a mbeadh aca lé tabhairt duit: dream na féile is na flúirse. "Faid bheidh prátaidhe againn" ars an fear "beidh sé ina neamh-ocras eadrainn": ní bheidh ceal orainn. Cá hiongadh neart is acfuinn do bheith ann, nách as an neamh-ocras do fáisceadh é: ar fhlúirse 'sar fheabhas bídh do tógadh é.

neamh-óg: *a.* i gceart-aos. Neamh-óg a dhóthain chun cúram mná is tighe do tharrac air féin: aosta go leór. Neamh-óg do dhóthain anois nár ghábhadh dho éinne bheith ag tabhairt céille dhuit: in aois meabhraidheachta is fuaimeanta. Tá an fear neamh-óg di chun a phósta: breis mhór bhliadhan aige uirthi. Déineann an chulaith sin neamh-óg thu: tugann sí cuma i bhfad níos sine ort 'ná mar táir.

neamh-oileamhaint: *b.3.* ceal nó teirce oileamhna, teagaisc, múinte, aire, etc. Cad d'fhéadfadh iascaire do thabhairt ar fheirmeóireacht ach neamh-oileamhaint?: teagasc neamh-oireamhnach. A rian air gur neamh-oileamhaint do fuair sé san scoil sin, mar nách aon cheal cinn atá air, is ná fuil aige ach smut den chuid seo is smut den chuid úd: teagasc neamh-iomlán. "Is deacair an neamh-oileamhaint d'fholach", deirtear lé duine mí-bhéasach: easbhaidh teagaisc chirt an teinteáin. Mórán mór ag ceisneamh ar an bplúr nuadh so, ná fuil ann ach neamh-oileamhaint: biadh gan mórán scabháird. Seachain fear na neamh-oileamhna: an té a bheadh ghod chómhairleach is ghod sheóladh ar do mhí-leas.

neamh-oileamhnach: *a.* neamh-theagaisc, neamh-chothuightheach, neamh-bhuacach. Arán is té i rith an lae, biadh neamh-oileamhnach é: gan scabhárd, gan cothughadh ceart na beatha. Fuaireas múineadh ach b'é sin a bhí go neamh-oileamhnach: neamh-thairbheach.

neamh-oilidheacht: *b.3.* neamh-thaithighe, neamh-dheaslámhacht; neamh-mheabhraidheacht; neamh-chlisteach incheann; neamh-luath-bheartach. Táim lán de neamh-oilidheacht chun aon ruda do dhéanamh a bheadh crosta: níl an éascaidheacht mheabhraidheachta agam a sháróchadh ar aon deacracht a thiocfadh treasna orm. Aon rud go mbeadh deaslámhacht ag baint leis árduigh uaim é, níl ionam ach an neamh-oilidheacht: clisteacht aigne is incheann.

neamh-oilte: *a.r.* neamh-theagasctha, neamh-mhúinte, neamh-fhoghlumtha. Connus do b'fhéidir leis a bheith chómh héachtach ar chúrsa go raibh sé neamh-oilte air, lá níor thug sé ag fagháil taithighthe air: neamh-mhúinte, gan an teagasc ceart, oireamhnach, speisialta fachta aige. Táim ró-neamh-oilte dhuit in argóint: níl an oilidheacht ná an chlisteacht incheann agam chun treasnuighthe ort, ná mo chuid eólais do chur ina luighe ort. Neamh-oilte ar léigheamh, labhairt, lámhach .i. gan taithighe is teagasc oireamhnach do bheith fachta.

neamh-oireamhaint: *b.3.* (*-mhna*) ar aiste gan bheith oireamhnach (do), neamh-fhriothálacht, neamh-fhreagarthacht; neamh-chonnláisteacht; neamh-fhearastamhlacht, neamh-réidhteach(t), neamh-threócht; neamh-fhearas, neamh-ghléas. Táid ag neamh-oireamhaint dá chéile lé fada, ní bhíodh aon tsíothcháin eatartha, is scaradar, tá sé ráidhte riamh gur fearr scaoileadh maith 'ná droch-phósadh: ní rabhadar ag réidhteach lé chéile. A neamh-oireamhaint atá ag teacht leis is ní neamh-fheabhas: a neamh-fhreagarthacht in ionad nó do rud eile. An fada atá an sean-chlog san ar neamh-oireamhaint?: as órdughadh. Má leanair ag méaráil is ag útamáil leis cuirfir ar neamh-oireamhaint é: ar mío-órdughadh. Neamh-oireamhaintidhe iad so, choidhche ní dheanfá an obair leó: rudaidhe nó úirlisidhe ná freagrann an gnóth atá dhíobh. Seo eochair atá ag neamh-oireamhaint don nglas .i. ná hoibreóchadh é. Is maith dob eól dom go rabhas ag neamh-oireamhaint sa tigh: ná raibh ionad agam a thaithnigh lé héinne den líon tighe. Cad é an neamh-oireamhaint a bhainis as an sciain áluinn seo gur laitís í: an áis dhroch-úsáideach. Mara mbeadh é do chur i neamh-oireamhaint éigin budh bhuan do bheadh sé: in áis nár réidhtigh leis. Ná beirimís linn ach na rudaidhe a bhéas ag géar-teastbháil uainn, cuirtear na neamh-oireamhaintidhe i leath-taoibh: rudaidhe ná beidh áis againn díobh. An mbeadh sé ag neamh-oireamhaint duit an baile d'fhágaint go moch ar maidin?: an mbeadh sé crosta ort?

neamh-oireamhnach: *a.* neamh-áiseamhail, neamh-chaothamhail, neamh-fhreagarthach, neamh-fhriothálach; neamh-chonnláisteach. An bhfuil an chulaith sin neamh-oireamhnach duit sa ghuailnibh? taidhbhsigheann sí ádhbhairín cumhang: gan í ar an méid cheart. Mara mbeadh neamh-oireamhnaighe na háite in ar chuiris tharat t'uaireadóir ní thuitfeadh sí: neamh-chaothamhail: neamh-chonnláisteach: áit ná raibh an tsábháltacht aice. Capall neamh-oireamhnach ar gach saghas slighe do dhuine bhocht é, rómhór, ródheacair do chothughadh: ná feileann do: neamh-áiseamhail ar gach cuma. Cainnt neamh-oireamhnach duit a rádh leis connus aire do thabhairt dá ghnóth ina thig féin: a bhí as an slighe: neamh-chuibhe. Ní fhéadfainn teacht leat, táim neamh-oireamhnach air de dhruim airgid: nílim i gcóir cheart. Lá neamh-oireamhnach d'fhéar é: nách maith chun a shábhála etc. Bead neamh-oireamhnach chun bóthair go ceann uaire eile: neamh-réidh: neamh-ullamh. Ullamhughadh neamh-oireamhnach i gcóir cogaidh dob eadh an sean-fhearas a bhíodh ann: ná beadh i ndán bearta do dhéanamh in aghaidh armála an lae indiu. Is fada neamh-oireamhnach chun ruda do dhéanamh é: atá sé ar mí-threóir: gan áis.

neamh-oireamhant: (**neamh-oireamhnaighe**) *b.3.* $_{7}$ *4.* neamh-chuibheacht; neamh-chaothamhlacht; neamh-áiseamhlacht; neamh-chaothamhlacht; neamh-chonnláisteach; neamh-réidhe. Caitheadh fé thóin cártaidhe me lém neamh-oireamhant don oifig, fuairtheas amach nár mháighistir ar an saghas san oibre me: neamh-áiseamhlacht: neamh-thairbheacht. Neamh-oireamhant do chuid labhartha nár thaithnigh leó: neamh-chuibheacht: labhairt mío-thráthamhail nó ar chuma nár réidhtigh leis an nidh a bhí i dtreis. Neamh-oireamhant na háite do chuir ó n-a cheannach me, bhí sé deacair agam teacht air: neamh-réidhe: neamh-ionadacht. Chuiris i neamh-oireamhant an chistinn nuair dheinis dhá chuid di: i slighe is ná fuil chómh háiseamhail chun gnóth tighe do dhéanamh. Neamh-oireamhant na haimsire atá ag teacht linn gan iasc do bheith againn: neamh-chaothamhlacht: aimsir chontrárdha.

neamh-oscailte: (**neamh-oscailteach**) *a.* gan bheith ar oscailt; neamh-fháilteach, neamh-fhial; neamh-rúnda; ceilteach; foluightheach. Tigh neamh-oscailte ní thabharfaidís béalóg ná bolgam duit dá mbeitheá ag siolagar: neamh-fhial. Dúthaigh neamh-oscailte ná faghfá puinn coidrimh do dhéanamh innte: neamh-fhlaitheamhail: neamh-fháilteamhail. Dá gcuirinn mo thón ar an dteine ní bhfaghainn aon fhaisnéis uaidh ar cad thárlaidh, bhí sé chómh neamh-oscailte sin: coimeádach air féin: rúnda. Siúd é áit go bhfaghair dóirse is croidhthe neamh-oscailte: doicheall is ceal fáilte. Daingnighthe go maith anois go bhfuil sé neamh-oscailte: nách féidir d'oscailt, nó slighe amach nó isteach do dhéanamh, an folach nó an clúdach do bhaint de.

neamh-oscailteacht: *b.3.* neamh-fháilteacht, neamh-fhéile, neamh-fhairsinge, ceilteacht, rúndacht. An iomad neamh-oscailteachta ag baint leis, ní riarfadh sé aon rud do bheadh aige: neamh-fhéile: do-chroidheacht. Bhris na Gárdaidhe a gcroidhe d'iarraidh eolais do bhaint as, ach lé n-a neamh-oscailteacht ní bhfuaireadar faisnéis ná éachtaint uaidh: coimeádtacht: rúndacht: neamh-chlaonadh innste. Go mbrisfeadh Dia mo chroidhe ionam ní fhéadfainn an ceann do bhaint as an stán díon-aoir lé n-a neamh-oscailteacht: deacracht atá do dhéanamh ann. Moltar go mór an cuan le n-a shábháltacht toisc neamh-oscailteacht a bhéil: cumhainge. An neamh-oscailteacht chéadna i gcómhnaidhe aige, ag tagairt dá bhuaidhreamh gan é d'áireamh: an cheilteacht chéadna: do chongbháil na ndaoine i ndoircheadas air.

neamh-pháirteach: *a.* gan cómhshealbh; neamh-chlaon; neamh-roinnteach, neamh-thaobhach. Sé an t-airgead atá neamh-pháirteach eadrainn agus an talamh páirteach: neamh-roinnte: a chuid féin ges gach éinne den airgead, an talamh neamh-roinnte. Dá mbeinn láithreach is éinne do bheith ag gabháil díot ní bheinn neamh-pháirteach: bheinn ar do thaobh. Bád neamh-pháirteach: ná fuil buannacht acht ag éinne amháin uirthi. Is ait liom é do bheith chómh neamh-pháirteach liom lé déidheannaighe, agus bhímis mór lé chéile: neamh-thais: neamh-bháidheamhail. Biadh neamh-pháirteach a bhí againn ar an dturus nách neamh-mhuinnteartha an dream daoine sinn: ní rabhamair i gcuibhreann: a chuid féin ag duine féin.

neamh-phéacach: *a.* neamh-thaidhbhseach; neamh-bhlomasach; neamh-mhórdhálach; neamh-adharcach. Is neamh-phéacaighe í go mór ó diúltuigheadh di ná nuair budh dhóigh leat gur bhainfhlaith í ar an imtheacht galánta a bhíodh fúithí, tá sé an-mhaol anois: neamh-thaidhbhsighe: neamh-ghréagach. Bó neamh-phéacach: gan adharca. Cnuic neamh-phéacacha: cnuic mhaola. Cuireann sé a shaoghal de, an t-aindeiseóir go neamh-phéacach: gan aon éirghe anáirde. Dá mbeadh do bhairéad níos neamh-phéacaighe ní bheifeá leath oiread id phaor is taoi: neamh-mhaigeamhail.

neamh-phlámasach: *a.* díreach; neamh-bhladrach; neamh-lústrach; neamh-thláith. Duine neamh-phlámasach mise ná beadh ag cuimilt mo bhaise dhíot ach tú do bhualadh idir an dá shúil leis an bhfírinne ghlan: ná beadh ghod bhréag-mholadh: neamh-lútálach: ná beadh cainnt mheala aige lé súil ruda dá bharr. Creid a n-abrann sé leat fear neamh-phlámasach seadh é: ná beadh cainnt bhreágh bhog aige chun tu do shásamh.

neamh-phreab: *b.3.* neamh-speach; neamh-fhearamhlacht; neamh-mheisneach. Cad dhéanfadh an neamh-phreab ní sheasóchadh ar a chion choidhche: neamh-fhearamhlacht: neamh-spirid chun a cheana do dhéanamh. Neamh-phreab aonach indiu, ní mór do ceannuigheadh: neamh-anamamhlacht: glaodhach mall. Dá mbeifeá gan an neamh-phreab ní leigfeá dho bheith ag gabháil de chosaibh ionat: neamh-mheisneamhlacht. Bíonn neamh-phreab ann cois conntabharthach: islannamh do ghlaodhfadh ar dhigh má déanfadh. Cuireann an aimsir mhúchta, mheirbh seo neamh-phreab ionam: brathaim trom, neamh-éascaidh im chnámhaibh aice. Neamh-phreab san iasc indiu oiread is priocadh ní bhfuaireas: mairbheacht.

neamh-phreabamhail: *a.* neamh-fhial, neamh-anamamhail, neamh-spirideamhail, neamh-mheisneamhail. Is tú an fear is neamh-phreabamhla dá bhfeaca im shúilibh beatha riamh, ní chabharfá ná ní chosnófá do dhreatháir is é i gconntabhairt a ghoirtighthe: gan spirid mheisneamhail chun fearamhlachta. Bí chómh preabamhail agus chómh neamh-phreabamhail i dtigh an óil lé héinne: má glaoidhtear deoch duit glaoidh dóibh, muna ndéintear ól leat féin. Ní gheóbhainn leis an gcapall neamh-phreabamhail sin ar ór na cruinne: ná fuil éascaidh coingheallach chun oibre. Budh neamh-phreabamhail uaidh nár dhein iarracht éigin ar é do shaoradh ó bháthadh: neamh-fhearamhail, neamh-anamamhail. Nách neamh-phreabamhail do rámhann tú: go neamh-mbríoghmhar, marbh, mall.

neamh-phreabamhlacht: *b.3.* neamh-anamamhlacht, neamh-bhríoghmhaireacht, neamh-fhéile, neamh-mheisneamhlacht, neamh-spirideamhlacht; neamh-fhearamhlacht. Níl meas ag éinne air lé n-a neamh-phreabamhlacht: choidhche ní bheadh de spirid nó d'fhéile ann gníomh tapaidh nó meisneamhail nó fial do dhéanamh. Neamh-phreabamhlacht chun duine do shaoradh, dighe do sheasamh, freagartha glaoidh etc.: neamh-spirid: neamh-fhonn. Neamh-phreabamhlacht im chorp indiu ná fuil fonn corruighthe orm: neamh-éascaidheacht: neamh-anamamhlacht. Ól an brannda san, bainfidh sé an neamh-phreabamhlacht asat: an leadaidheacht: mairbheacht.

neamh-phuinn: *b. n-dh.* an fíor-bheagán; an bhochtanacht. Is í an neamh-phuinn atá aige tar éis a shaoghail: an fíorbheagán lé maireachtaint air. Caithfead bheith ag bruic leis an neamh-phuinn agus bheith ar loma-éadach agus tearc-bhiadh: bochtanacht.

neamh-rachmas: *f.1.* neamh-chómhacht, ceal maoine, réime, flúirse, aoibhnis. Riamh ní fheacamair go dtí so ach an neamh-rachmas sa cheanntar so, ar bheagán fagháltais is sinn fé chuing tighearnaidhe dochaiseacha: neamh-aoibhneas is claoidheacht. Tá cuid mhaith talmhan aca ach tá neamh-rachmas an tsaoghail ortha, ní éirigheann stoc leo: sonas, conách ná séan níl ortha. Neamh-rachmas go mbainir as do chuid airgid: neamh-aoibhneas. B'árd do bhí sé tamall i meas na ndaoine ach tá sé fé neamh-rachmas anois, ní mór go gcloisfeá a ainm: níl sé fé réim in ao'chor.

neamh-rath: *f.3.* neamh-ádh, neamh-thoradh, neamh-chonách, neamh-thairbhe. Neamh-rath ort mar mhadra d'árduigh mo chuid feóla leat: mío-adh. Neamh-rath ar a mbeith aige an bitheamhnach: ceal toradh air féin is ar a chuid. Tháinig neamh-rath éigin anuas i gcródh an chinn air gur theip is gur mheath a raibh aige: mío-ádh mór. De neamh-rath

ortha ná raibh muirear ortha: neamh-thoradh. Ní raibh riamh ach an neamh-rath ar an té a luigh trom ar bhochtaibh: gan ádh an tsaoghail leis.

neamh-rathamhail: (**neamh-rathmhar**) *a.* neamh-ádhmharach, neamh-thorthamhail; neamh-thairbheach. Bhíodar neamh-rathamhail fé chlainn: neamh-shliochtmhar, neamh-thorthamhail. Tá sé ráidhte riamh gur airgead neamh-rathamhail airgead éisc: ná tagann sé chun suime: go leaghann sé thall 'sabhfus. Feirm neamh-rathamhail seadh í tá cuid mhaith lém chuimhne féin bochtnuighthe aice: níl aon ádh ghá leanamhaint. Nách neamh-rathamhail d'éirigh di is í i ngiorracht bliadhna dá céim scolaidheachta gur ruaigeadh í: mío-ádhmharach. Budh dheacair dho gan bheith neamh-rathamhail ar ar rinne sé de dhíoghbháil: gan toradh do theacht ar a ghnóthaidhibh.

neamh-reamhar: *a.* tanaidhe, lom, léirighthe, neamh-mbáidheamhail. D'fhear tá géaga neamh-reamhra fé: táid i bhfad as an ngnáth-thoirt. Ar mhucaibh neamh-reamhara ní raibh mórán glaodhach: muca loma. Ó bhí áiteamh poilitidheachta eadrainn táimíd neamh-reamhar lé chéile, ní chainntighimíd lé chéile: neamh-mhuinnteartha. Dá mbeadh sé ag maoidheamh choidhche as a bhfuair sé as an áit, ní bhfuair sé ach airgead neamh-reamhar air: airgead beag. Ceann neamh-reamhar air siúd, a mhic ó, is é foillsighthe aige, féach an bheart iongtach atá sroichte aige, trí n-a inchinn: léigheanta.

neamh-réasún: *f.1.* neamh-fhuaimeant, gníomh nó iomchar ná bíonn éifeacht cheart leis; fáth ná bíonn bunuighthe ar chúiteamh ceart. Tá neamh-réasún leis an té a chuireas é féin i gconntabhairt gan ghábhtar: ceal fuaimeanta. An turus so is oth liom a rádh leat go bhfuil an neamh-réasún ar do thaobh: ná fuil an ceart agat dréir céille do chaitheamh leis. Nách mór an neamh-réasún atá leat is bheith ag ól chómh trom: neamh-éifeacht: ceal céille. Neamh-réasún dom labhairt in ao'chor leis, budh cheart dom a fhios do bheith agam ná raibh ann ach tuar achrainn: mí-chiall. Neamh-réasún a bhí aige milleán do chur orm gan bheith deimhnightheach: ceal éifeachta.

neamh-réasúnta: *a.r.* neamh-chiallmhar; neamh-éifeachtamhail; neamh-fhuaimeantamhail; neamh-mheasardha; neamh-chuibheasach. Duine neamh-réasúnta seadh thu ná fanann lé deireadh do chlos sara labhrais: ná néann dréir machtnaimh chirt. Táir ag lorg luach neamh-réasúnta ar an ualach san: mío-chuibheasach: thar meón ar fad. Ná bí chómh neamh-réasúnta anois is ná tiocfá abhaile liom, ar mhaithe leat atáim-se: neamh-fhuaimeantamhail: neamh-ghéilleamhail de chiall do chaitheamh leis. Éileamh neamh-réasúnta a bhí ar an dtalamh aige agus thug an dlighe ina choinne: éileamh gan deallramh.

neamh-réidh: *a.* neamh-ghlan, neamh-chomhthromamhail, garbh, neamh-mhín, achrannach, neamh-shocair; neamh-fhuraiste; neamh-chríochnuighthe. Ceist neamh-réidh seadh é nách mór mórán machtnaimh uirthi: crosta, deacair, achrannach. Bóthar neamh-réidh chun siubhalóide go mbíonn an mío-ádh ar fad air sa droicheacht: achrannach: neamh-mhín: neamh-shleamhain. Is neamh-réidh liom mar tá an bád so, tá sí ag luascadh go mór: neamh-shocair. Duine neamh-réidh in aon tigh é, ní furaiste céstáil leis: neamh-shocair: achrannach: clamprach. Táim neamh-réidh fós, fan liom, ní bhead i bhfad: neamh-ullamh. Choidhche ní bheidh ach neamh-réidh lé chéile, cúis nuadh gach aon lá

aca chun a chéile: i mullach a chéile. Is neamh-réidh é an bealach go Flaitheas Dé: neamh-mhín: clampar agus fulang ann. Táir ag siubhal ró-neamh-réidh dom ní fhéadfainn coimeád suas leat: neamh-mhall. Ceist neamh-réidh dom í, éirighim aiste: neamh-fhuraiste dom inchinn-se.

neamh-réidhe: *b.4.* neamh-shleamhaine, neamh-mhíne, gairbhe, neamh-shocracht, neamh-chiúnas, neamh-shíth; neamh-chao, neamh-ullamhuightheacht; neamh-chomhthromamhlacht; neamh-fhuraisteacht; achrannacht. Chaithfeadh é do ruagadh ón scoil lé n-a neamh-réidhe: neamh-shocracht: neamh-smachtuightheacht. Ualaighe beaga is féidir d'iomchar ar an mbóthar san lé n-a neamh-réidhe tá sé lan de stacánaibh is de chiseachaibh: gairbhe. An bórd ag luascadh lé n-a neamh-réidhe ar an úrlár: neamh-shocracht: neamh-ionannas a chos. Bhain neamh-réidhe na gceisteann a bhí aige dhá chur chugham mo mheabhair shaoghalta díom d'iarraidh a bhfuascailt: a neamh-fhuraisteacht: deacracht. A neamh-réidhe is bhí sé ghá iomchar féin, ag déanamh clampair lé gach éinne. Níor bh'féidir tuilleadh foidhne do chaitheamh leis: neamh-chiúnas is neamh-shíth. A neamh-réidhe a bhí agam ar airgead do shroichstint a chongaibh gan gluais-bhád me: an neamh-chaoth(amhlacht) teacht air. Neamh-réidhe na Frainnce chun cogaidh adeirid féin budh bhun lé n-a raonadh: neamh-ullamhuightheacht budh chúis lé n-a dearg-ruathar 'sa treascairt. Siubhal mall a dheineas lé neamh-réidhe an bhóthair, árdáin is isleáin ó thúis go deireadh: neamh-mhíne, neamh-shleamhaine: n-chomhthromamhla(cht). A rian ar a neamh-réidhe do chuiris chun a fhuscalta bhrisis an clúdach: neamh-shochracht: neamh-fhoidhne. Táid fós, agus beid go deó is baoghalach, ar an neamh-réidhe, drochaigne mhór aca dá chéile: táid gan ceannsughadh. Anois mo chómhairle díbh stad agus gan dul chun neamh-réidhe lé chéile nó bheith amuigh is gan log catha do dhéanamh den dtigh seo: chun feirge is achrainn.

neamh-réidheachtaint: *b.3.* neamh-aontas, neamh-oireamhnaidheacht. Táid ag neamh-réidheachtaint lé n-a chéile i gcómhnaidhe, ar a luighead cúise bíd i ndlighe: easaontas is drochaigne. Neamh-réidheachtaint bídh adubhairt an dochtúir do bhí ag gabháil do, mhol sé a atharrach: neamh-oireamhnacht don sláinte. An líon ar neamh-réidheachtaint: in achrann. Neamh-réidheachtaint na heochrach leis an nglas: ná hosclóchadh agus ná dúnfadh. Neamh-réidheachtaint teasa do chuir abhaile ó Mhearaice é: gan an teas do bheith ar fheabhas dá shláinte. Fear breágh, sochma is deacair neamh-réidheachtaint leis: tuiteam in earrad leis. An neamh-réidheachtaint atá idir mo mhnaoi agus mise choidhche ní féidir a leigheas: easaontas: éagsamhlacht tuairmidhe: clampar.

neamh-réidhteach: *f.1.* achrann, clampar, neamh-ghlanadh, neamh-scartadh, neamh-fhuascailt; neamh-shocrughadh; neamh-cheannsughadh, neamh-shíth. An neamh-réidhteach céadna ar an ndaradha fós, é lán de shnaidhmeannaibh, casta go cruaidh ar a chéile: ceal scaoilte. Aon rud go gcuirir do cheann ann is chun an neamh-réidhtigh é: achrann: clampar: easaontas do bhunughadh. Fógair an neamh-réidhteach idir lánamhain phósta: mallacht atá tuillte aige mar chlampar: ceal síothchána. Mar ar leagadh na tighthe i ngabhal a chéile ón aer níor cuireadh barra méire fós ortha is tá an neamh-réidhteach céadna ortha: neamh-scartadh. In aon áit go mbír bíonn an neamh-réidhteach ann: clampar is achrann. Ná téighimís chun neamh-réidhtigh mar gheall ar scilling, cuirimís ar

chrannaibh í: chun áitimh is ciotarúntachta. “Ní dheaghaidh rogha riamh ón réidhteach” adeir an seanfhocal, cad mar gheall mar sin ar an neamh-réidhteach?

neamh-réidhtighim: *b.a. 7 n-a.* neamh-easaontuighim le, cuirim ar mí-riar, in achrann. Neamh-réidhtigheann gach rud go mbíonn guirteamas ann liom: ní théigheann sé lém ghoile: ní bhíonn go maith dhom shláinte. Neamh-réidhtighid i gcómhnaidhe i gcúrsaidhibh airgid: bíd gan staon ag argóint ina thaobh. Cad fáth go neamh-réidhtighid chómh mór is gan puinn cúise aca ar a chéile gur dhóigh leat go raibh marbhadh duine ortha: go n-easaontuighid: ná bíd in ao’chor ar aon aigne. Neamh-réidhtigheann breis chainnte é eatarthu in ionad a shocruighthe: cruadhann in achrann é. Neamh-réidhtigheadar ar thuarastal na seachtmhaine is na tráthanna oibre: níor thángadar ar aon aigne ortha.

neamh-riachtanach: *a.* neamh-ghábhtarach, neamh-ghéibhineach, neamh-iachallach, neamh-chall. Budh neamh-riachtanach do an oiread mhór san airgid do thabhairt ar na brógaibh, gheóbhadh sé rudaidhe budh shaoire a bheadh maith a ndóthain: neamh-ghábhtarach: ní raibh call leis. Obair neamh-riachtanach í seo ach nách fearr liom do bheith díomhaoin: neamh-ghéibhineach: ná fuil orm de dhualgas do dhéanamh. Tá an fearas go léir seo neamh-riachtanach chun iascaigh, déanfaidh a leath: nár bh’fhéidir déanamh gan. Éinne gur maith leis é tá sé neamh-riachtanach air luighe leis an arm: neamh-iachallach: níl sé ceangailte ag an ndlighe air. Is iomdha beart ghuaiseach neamh-riachtanach a dheineas an óige: beart go mbeifí chómh maith as gan bac léi. Táir neamh-riachtanach annso, bailbh leat!: nílir ag tastáil. Budh neamh-riachtanach liom a bhíos ag tastáil uait, sin é fáth nár thána: dar liom, ní raibh aon chall lém chabhair nó lém theacht.

neamh-riachtanas: *f.1.* neamh-ghábhtar, neamh-ghéibhean; neamh-chall; neamh-dhualgas. Dá mbeadh breis phlúir againn bheadh neamh-riachtanas beatha orainn annso in Éirinn: ár ndóthain: an méid a theastóchadh. B’ait an duine é is é do thógaint is an neamh-riachtanas a bhí air leis: neamh-cheal: neamh-chall bheith ina easnamh. An té go mbíonn neamh-riachtanas air budh cheart do buidheachas do thabhairt: ná bíonn i ngábhadh aonnidh. Neamh-riachtanas bídh, airgid: gan a gceal. Cad n-a thaobh tú féin do chur i mbaoghal do bháis lé neamh-riachtanas gan aon chall leis: rud dob fhéidir do sheachaint.

neamh-riar: *f.1.* neamh-roinnt, neamh-stiúradh, neamh-aire, neamh-cheannas. An neamh-riar so ar an airgead, daoine ag fagháil suarachais a thuilleadh ag fagháil breise: roinnt mí-cheart. D’imthigh mo chuid soir siar is dar ndóigh sé sin neamh-riar do fuair sé: an droch-aire agus an droch-bhainistighe. Ní bhfaghaim uatha ach an neamh-riar: déanamh mí-cheart, leithleachais. A leinbh, is ort atá an neamh-riar ar na neamh-mbéasa atá agat: ceal oilte is smachta. Ní call duit aon chruisteach do chur ortha san mar is é an neamh-riar do dhéanfá ortha: is tú ná tabharfadh an iondramháil cheart dóibh. Chonnac ar an neamh-riar a bhí i ngach seómra sa tigh ná raibh éinne ina chúram: an chuma ina raibh gach nidh trí chéile, bun os cionn.

neamh-riarach: *a.* neamh-ghéilleamhail; neamh-chneasta; do-ranna. Is deacair cóstáil leis, tá sé árd-neamh-riarach, ní shásóchadh sé dá gcuirtheá ó bhais go bais é: deacair

bruic leis. Tar éis iomad cath is ocrais bhí na saighdiúiridhe go neamh-riarach agus d'fhóbair dóibh dul lé ceannairc: neamh-ghéilleamhail dá ndualgas, stailceamhail, tuaisceartach. Éirighimís as bheith in éintigheas, tá eagla orm go bhfuil ró-neamh-riarach dom thoil: neamh-ghéilleamhail. Níor ghábhadh dho bheith chómh neamh-riarach san is bheith d'iarraidh an chuid is fearr de gach nidh do bheith aige féin: do-ranna: leithleachais: neamh-ghéilleamhail do dhuine eile. Bhí sé ar a dhícheall chun bheith chómh neamh-riarach is b'fhéidir leis do bheith, an focal grod aige do shíor: neamh-chneasta. Airgead lé lascáil aige siar síos, is nár neamh-riarach an duine é ná tabharfadh oiread is cianóg do naoidhe an ghábhaidh: neamh-fhial: greamuighthe: neamh-ranna.

neamh-rothag: *f.1.* neamh-fhoidhne, neamh-chosc, neamh-mhachtnamh. Fan anois agus éist fada, cuir uait an neamh-rothag: neamh-chosc ar bhriseadh amach ar labhairt: mí-fhoidhne. Mar tá an neamh-rothag riamh ag baint leis, ní túisce do thagras dá ainm ná phléasc sé idir an dá shúil me: neamh-fhoidhne: neamh-fhaidtheadlaighe. Thug sé neamh-rothag fén gclaidhe is níor ghlan é: iarracht mheathta reatha.

neamh-shaidhbhreas: *f.1. 7 3.* daidhbhreacht, ceal saidhbhreasa, bochtanacht, neamh-thorthamhlacht. Neamh-shaidhbhreas na talmhan fáth ná tugann sé an chruithneacht chómh maith: bochtanacht: ceal an tsuiméir chirt: cael na torthamhlachta, nó cómhacht tabhartha. Choidhche ní bheidh agat san áit bhocht san ach an neamh-shaidhbhreas: dealbhas, ceal. Tá neamh-shaidhbhreas leabhar léightheóireachta orm fé láthair: ceal.

neamh-sháith: *b.2.* neamh-dhóthain, ceal, uireasbhaidh, teirce. Dá mbeadh an t-amplóir ag ithe go maidean ní bheadh aige ach a neamh-sháith: oiread is ná sáiseóchadh é in ao'chor. Ní raibh ag an leathan-ladhrach ach a neamh-sháith: an té a chaitheas thar meón ní bhíonn a dhóthain choidhche aige. Deirim ná fuil ann ach mo neamh-sháith d'fhear, teastuigheann eólgaiseach uaim, ní pleidhce: fear ná fuil dóthanach dom: fear lochtach. Fuair sí a neamh-sháith de chéile: fear ná raibh maith a dóthain di. Níor dheineas ach mo neamh-sháith oibre dá mhéid a dheineas, bhí an oiread san guilme orm chúiche: oiread is nár shásaimh me. Anois b'fhéidir, cé gur mhór an reim a bhí fúinn tamall, go gcaithfimís maireachtaint, dár aindeóin, ar an neamh-sháith: ar an gcaol-chuid. Is deacair bheith leór leis, riamh ní fheaca air ach an neamh-sháith: nár bh'fhéidir a dhóthain do.

neamh-sháitheach: *a.* neamh-dhóthanach; uireasbhach, tearc; neamh-líonta; neamh-shásta. An biadh a bhí dhá fhagháil aca sa charcar bhí sé neamh-sháitheach dá dhruim go mbíodh ocras ortha leath a saoghail: ní bhíodh go leór de aca. Cuir a thuilleadh chugham, ná feicir go bhfuil an méid seo suarach, neamh-sháitheach: uireasbhach: tearc i dtoirt. Dá mhéid a gheóbhadh sé bheadh sé neamh-sháitheach ní bheadh a shástacht aige. Úirlis neamh-sháitheach í seo, tá sí ró-lag: ná fuil maith a dhóthain chun a cuid oibre. An neamh-sháitheach guilmeach san, dá mbeifí ghá phalcadh le biadh bheadh an t-ocras céadna air: duine nách féidir a dhóthain do thabhairt do. Neamh-sháitheach ag an gconntabhairt seadh é: d'ólfadh sé a bhfaghadh sé.

neamh-shámh: *a.* neamh-chodlatach, neamh-leisceamhail; neamh-mhaith; neamh-sheascair. Saoghal neamh-shámh do thug a clann di, bhíodh duine éigin aca in achrann nó in aimléis an uile lá: neamh-shocair: neamh-shochma. Ná bí neamh-shámh ar an mbóthar

agus beidh fuighleach aimsire agat: sochair, réidh, mall. Ina shuidhe ar ghiolc an ghealbhain gach maidean is é an fear neamh-shámh é: neamh-chodlatach: neamh-leisceamhail. Ná beir chómh neamh-shámh ar an saoghal agus beidh sé i bhfad níos fearr agat: chómh socair, neamh-shuimeamhail. Ní maith an cómhartha deagh-shláinte air codailt go neamh-shámh: guairneánach, neamh-shóghach. Tigh neamh-shámh é seo anocht mara bhfuil rí-rá is gleódh ann ní lá fós é: neamh-chiúin. Ní go neamh-shámh a thagann a shaoghal air, cá bhfuil a mhairg?: go bog, réidh, gan duadh do gheibh sé a bheatha. Is é bhíonn go neamh-shámh liom, a luighead locht nó dearmhad is sáidheann sé chugham go buileamhail: neamh-mhiochair: neamh-chneasta: neamh-chineálta.

neamh-shamhail: *b.3.* neamh-chosamhlacht; neamh-mhar a chéile; neamh-leithéid. Neamh-shamhail sibh, tusa is S. ar gach cuma: gan aon deallramh agaibh lé chéile. A neamh-shamhail d'fhear atá uaim, cad dob áil liom de shuarachán dearóil mar é sin?: a neamh-chosamhlacht, a atharrach agus níos fearr. Ní hé, a neamh-shamhail ar fad: duine nó rud ná fuil aon chosamhlacht eatartha. Táid chómh neamh-shamhail is bheadh bó is capall: gan an chuma chéadna in ao'chor ortha. Bí chómh neamh-shamhail leis agus is féidir leat: i gclódh is i ngníomh ná bíodh faic inbhreithnighthe.

neamh-shanntach: *a.* neamh-dhúlmhar i gcuid dhuine eile; neamh-ghuilmeach; neamh-chíocrach; neamh-íogair. Dá mbeadh sé gan bheith neamh-shanntach bheadh furmhór a bhfuil de thalamh sa chómharsanacht aige bhí an oiread fiach aige ar na daoinibh: neamh-dhúlmar: gan fonn do bheith air cuid chách do shealbhughadh. Dá neamh-shanntaighe chun an tsaoghail duine is fusaide a bheatha é: neamh-chíocrach chun maoine do bhailiughadh. Pé fonn nó mío-fhonn atá ar éinne chun achrainn táim-se neamh-shanntach: níl aon mhian agam chuige. Caithfir do shoc do bhreith 'on cheárdchain chun a deisighthe tá sé ró-neamh-shanntach: níl sé i dtreó is gur féidir leis dul deimhin go leór sa chré. Duine neamh-shanntach chun díoghaltais d'agairt ar éinne é: réidh, mín, macánta. Scian neamh-shanntach í sin, ní gábhadh dhuit aon eagla do bheith ort go ngearrfaidh sí thu: scian neamh-ghéar. Is mairg a bhíos neamh-shanntach chun na beatha síorraidhe: ná bíonn fonn air a anam do shaoradh. Ní bhead sanntach ná neamh-shanntach, níl uaim ach mo cheart lom: fonnmhar ná neamh-fhonnmhar.

neamh-shanntacht: *b.3.* neamh-dhúlmhaire(acht); neamh-ghuilmeacht; neamh-fhonnmhaireacht; neamh-chíocracht; neamh-íogaireacht. Is cuma leis connus mar chóstálann sé, ní fheaca riamh air ach neamh-shanntacht oibre: gan fuadar chun a faghála. An té go mbíonn an neamh-shanntacht bídh air ní deacair é do shásamh: an té ná bíonn cíocras ná craos air: ná bíonn guilm. Neamh-shanntacht an tsaoghail gach aon lá riamh air is thug a chosa leis chómh maith leis an té go mbaineadh sé codladh na hoidhche de: gan guilm air chun maoine ná ollmhaithistidhe an tsaoghail. Fear na neamh-shanntachta is sámh do chodlann an oidhche: an té ná bíonn íogair chun breise de mhaitheas an tsaoghail do bheith aige cam nó díreach. Ar neamh-shanntacht Shasana chun fear do chur i dtalamh ar roinn na hEóraipe foillsigheann sé go bhfeacaidh sí Murchadh cheana ann: a mío-fhonn.

neamh-shaoghalta: *a. n-dh.* gan bheith ag baint leis an saoghal so; gan suim i maoin ná i gcúrsaidhibh na beatha. Táir-se ró-neamh-shaoghalta dho súd chun ceann cuinge do

chongbháil leis: ní chuirir an oiread suime i nidhthibh na beatha corpardha. Is baoghalach liom gur duine neamh-shaoghalta a dhéanfaidh sé, níor dhual do maireachtaint i bhfad: gearr-bheathach. Ní fhéadfadh a mhalairt do bheith ann ar an uain sin in áit chómh huaigneach leis ach duine neamh-shaogalta: duine ón saoghal eile.

neamh-shaoghaltacht: *b.3.* fuairthéacht; neamh-fhuim i gcúrsaidhibh na beatha so. Níl aige ach an neamh-shaoghaltacht: an bhochtanacht. Leaghaidh, agus an méid nár dhein, scaip sé a raibh aige lé n-a neamh-shaoghaltacht: neamh-shuim i ngnóthaidhibh na beatha so. Lé corp agus neamh-shaoghaltacht níor thug sé aire do thigh ná do threabh: fuairthéacht. Neamh-shaoghaltacht d'fhág ar an bhfóraoil é: gan luighe le, ná suim aige, i gcúrsaidhibh na beatha: gan a inntin do bheith ar dhul chun cinn ná ar mhaoin, réim, shaidhbhreas ná eile.

neamh-shaothar: *f.1.* ceal nó beagán fagháltais oibre; neamh-dhuadh; neamh-dhuais. Scata mór aca ag obair ann lé mí agus is náire dhóibh an neamh-shaothar atá déanta aca: a luighead oibre. Ar an neamh-shaothar a bheireann air níl cúis ghearáin aige: a luighead duaidh oibre. An fear bocht neamh-shaoghalta, is air atá an neamh-shaothar chun an tsaoghail: neamh-dhuadh. Sin é neamh-shaothar do shaoghail agat gurb é tigh na mbocht do stáitse: ceal aon rud fóghanta do dhéanamh i gcóir an lae chruaidh.

neamh-shaothrach: *a.* neamh-dhuaibhseamhail, neamh-dhícheallach, neamh-thionnscalach; neamh-imshníomhach. Thug sé a bheatha go saoráideach leis - gnóthaidhe neamh-shaothracha a bhíodh ar siubhal aige: ná leanadh puinn duaidh iad. Duine neamh-shaothrach é ná cuireann sé puinn mairge air obair aige nó uaidh: neamh-dhícheallach, neamh-luighte le hobair. Chómh neamh-shaothrach lé bacach a chaithfeadh a mhála dhe: neamh-ghnóthach, díomhaoin, leisceamhail. Dá mbeifeá gan bheith chómh neamh-shaothrach ag déanamh do ghnótha bheadh sé déanta i bhfad níos fearr: neamh-aireach: neamh-dhícheallach: neamh-shuimeamhail.

neamh-shaothrughadh: *f.* (*-uighthe*) neamh-chur talmhan; neamh-ghnóthughadh; neamh-thuilleamh. Tá sé fachta agat agus is tú a dhein an neamh-shaothrughadh air: an neamh-thuilleamh. Cuireadh an dlighe ar fhear i dtaobh neamh-shaothruighthe an mhéid áirighthe talmhan ag an riaghaltas: nár deineadh curadóireacht air. Ar scoil níor dhein sé ach an neamh-shaothrughadh agus a rian air is é atá go haineólach: nár oibrigh dúthrachtach. Tabhair aire, ná bíodh neamh-shaothrughadh an anama ort: déin géir-dhícheall ar é do shaoradh le húrnaighe is aithrighe.

neamh-shás: *f.1.* neamh-ghléas; neamh-fhearas; neamh-dhóigh. Na guirt loma so an neamh-shás chun cothuighthe: ní maith an earra chuige iad. Is tú an neamh-shás peile d'imirt: gan aon mhaith chúiche. B'fhearr liom duine éigin eile do thabhairt fé, mise neamh-shás a dhéanta mar ná fuil aon taithighe ná eólas agam air: neamh-dhóigh: duine neamh-oireamhnach. An rud sprionnlaithe is é neamh-shás na dighe do ghlaodhach é, ní feacthas cubhrán ar a ghloine riamh: sprionnlóir ná cúiteóchadh deoch lé digh. Sé an tsean-mheilit speile seo an neamh-shás chun féir do bhaint: an úirlis gan mhaith. Is tú an neamh-shás chun maireachtana, fuar, díomhaoin, leisceamhail: an duine gan mhaith ar bith.

neamh-shásamh: *f.1.* neamh-sheascaireacht; neamh-thaithneamhacht; neamh-shoilgheas; neamh-shubháilceacht; neamh-chúiteamh; neamh-dhíoghaltas; neamh-dhóthain. Is orm a bhí an neamh-shásamh gur chuireas mo cheann eatartha chun réidhtigh nuair dubhradar liom aire do thabhairt dom chúram féin: neamh-shoilgheas aigne: ní rabhas buidheach díom féin. Budh neamh-shásamh leis teacht, dochma a dhóthain air: níor bh'áil leis é. An t-anródh agus an clampar riamh air, is é go raibh an neamh-shásamh as a shaoghal aige: neamh-sheascaireacht: nár bhain aoibhneas as. Uaidh siúd do fuaireas an neamh-shásamh dá mhéid dochair do rinne sé orm: cúiteamh ar bith. Tar éis a dhíchill chun bheith réidh liom neamh-shásamh do fuair sé: neamh-chúiteamh. Is iomdha san rud a bhíos ag cur neamh-shásaimh aigne ar an bhfear thall i nganfhios don bhfear abhfus: neamh-aoibhneas aigne: suathadh aigne. Chaitheas uaim é mar thobac, lé déidheannaighe gheibhim neamh-shásamh ann: ní réidhtigheadh sé lém dhúil. Chuiris an neamh-shásamh orm nár fhéadas tor do thabhairt ar an ndailtín úd: níor bhraitheas subháilceach im aigne ina thaobh. Tá a thuilleadh uaim, níl agam ach mo neamh-shásamh: mo mheón nó mo ghábhadh teastbhálach ar bhreis. Daoine ann gur neamh-shásamh leó bheith pósta is scaoilid: nách taithneamh leó é. Mise an buachaill duit ná faghair uaidh ach an neamh-shásamh: ná cúiteóchaidh leat pé cúis atá agat orm.

neamh-shásamhail: *a.* gan bheith i ndán an sásamh ceart do thabhairt; gan bheith ag tabhairt an tsásaimh chirt teastbhálach, easbhaidheach. Peann neamh-shásamhail í seo, stracann sí is réabann sí ní fuláir a malairt: peann ná déineann an bheart cheart. Bhíos chómh neamh-shásamhail sin, locht éigin i gcómhnaidhe orm, gur tugadh bata is bóthar dom: an gábhadh a bhí liom ní rabhas i ndán a réidhteach. Is fada agus is fuar ó n-a dhóthain eolais do bheith aige é, connus mar sin do bheadh sé ach neamh-shásamhail gan bheith i ndán a chúraim do dhéanamh i slighe ná faighfí locht air? Níl aon mharcaidheacht is neamh-shásamhla 'ná tosach báid nó deireadh trucallach, suaidhfí an t-inneathar asat: is lugha a thaithneochadh leat. Mara mbeadh an bhroid do bheith go dian ar Sheán Bhuidhe budh neamh-shásamhail leis Seósamh Dearg do theacht ar a thaobh: rud é ná raghadh síos leis go ró-mhilis.

neamh-shásamhlacht: *b.3.* aiste a bheith sásamhach, nó é bheith de bheith ar rud. Ar a neamh-shásamhlacht a gheibhir as bheith ag obair dom b'fhearr liom go scuirfeá: gníomh nách áil leat é. Neamh-shásamhlacht éigin leis an saoghal i gcómhnaidhe, ní fios cad do dhéanfadh teidhmint ar na feirmeóiridhibh céadna: casadh aigne leis. Fuaireas an oiread san neamh-shásamhlachta san earra chéadna, rud éigin bun os cionn leis de ló nó d'oidhche gur raideas uaim é lán de dhéistin leis: an gábhadh a bhí agam leis ní réidhteóchadh sé é. D'aistrigheadar go tigh bórdála eile lé neamh-shásamhlacht an bhídh: gan é bheith taithneamhach dóibh.

neamh-shásta: *a.r.* neamh-chneasta, neamh-shocair; gan an aigne nó an inntin a bheith sámh, suaimhneasach de chionn ruda; neamh-shuaimheasach, neamh-sheascair. Ní deacair é do dhéanamh neamh-shásta tá sé ró-cháiréiseach ar fad: an aigne do chorruighe ann i gcoinnibh ruda. Is cuma cad dhéanfainn nó ná déanfainn ná connus é, ach beifí neamh-shásta liom: bheadh gruaim nó mío-ghnaoi ar chách liom. Beir-se, agus cuimhnigh cá bhfuilim ghá rádh leat, go neamh-shásta leat féin mara stadair des na

feádhannaibh aite seo fút: beir bréan díot féin: déistin ort leat féin. Am éigin i rith an lae do bhraith sé neamh-shásta ann féin agus cuireadh fios ar an ndochtúir chuige: tháinig mío-shuaimhneas cuirp air. Bheinn neamh-shásta liom féin mara dtiocfainn ar do thuairisc cé gur beag an mhaith mo theacht: bheadh m'aigne trí chéile. An neamh-shásta neamh-shásta i gcómhnaidhe: aiste nách féidir do leigheas. Is neamh-shásta liom-sa gur neamh-shásta dhuit-se an útamáil gnótha atá déanta agam duit: ní háil liom nách taithneamhach duit-se etc. "Buille ar an gcat is ar an madra aige, is neamh-shásta an bitheamhnach indiu", deirtear lé duine míchéadfach ar gach cuma gur ró-dheacair cóstáil leis. Stad! a airceacháin, bheifeá neamh-shásta dá mbeitheá ag itheadh go hoidhche: ní bheadh an ghuilm imthighthe díot. Dá fhaid é ar an úrlár tá sé neamh-shásta de chainnt: níl tuirse ná fonn stadta ar: ag éirghe air atá. Bean bhuileamhail dá mbeadh sí ag smachtughadh a clainne go maidean do bheadh sí neamh-shásta de bheith ag gabháil ortha: dar léi, ní bheadh a dóthain tugtha dhóibh aice. Ná fuilir neamh-shásta leis an mbeart shuaraigh do ghlacadh?: neamh-thoilteanach. Idir bhróig agus éadach culaithirt neamh-shásta atá ort: ní oirid go seascair duit in ao'chor.

neamh-shástacht: *b.3.* mío-ghnaoi; gruaim; mío-thaithneamhacht lé; neamh-sheascaireacht. Aithnighim go bhfuil neamh-shástacht éigin sa dúthaigh ar an slighe atá daoine thall 'sabhfus ghá gcur féin in iúil nách áil leó so is nách áit leó súd: mío-thaithneamhacht leis an riaradh atá dhá dhéanamh: neamh-chneastacht: neamh-shuaimhneas. Lé neamh-shástacht an chinn urraidh aistrigheadh ón Afraic é go dtí an India Thoir: a luighead maitheasa a bhí dhá dhéanamh aige. Guairneán is gearán an diabhail bhuidhe lé neamh-shástacht an tsuidheacháin a bhí aige: neamh-sheascacireacht: neamh-aoibhneas cuirp. Rúidín cnáimhseáin go dtéigheann gach aon rud chun a neamh-shástachta go gcuireann mío-ghnaoi is gruaim air: nách áil leis iad ar chor ar bith. Mo neamh-shástacht airgid dhá tharrac dom ar m'fhagháltas: oiread is nár mhian liom scaramhaint leis lé n-a luighead.

neamh-shásuighim: *b.a.* cuirim mío-ghnaoi air, mío-thaithneamh, neamh-shubháilceas ar etc. Ós rud é go neamh-shásuigheann an té seo thu lé n-a dhaoire ná bac thart é: nách áil leat é i dtaobh a luacha. Dá gcuirtheá ó bhais go bais é agus a mbeadh i gcois sa láimh agat do chaitheamh leis, in ionad do bheith buidheach beannachtach is amhlaidh do neamh-shásochadh sé é: cuireann mío-thaithneamh nó déistin air (ceart nó mí-cheart aige). Ní neamh-shásóchadh aon rud anois é, tá sé chómh mór san ar a thoil: faic ar bith anois ní chuirfeadh mío-shuaimhneas ná goirge aigne air.

neamh-sháthadh: *f.* (*-aithte*) neamh-theannadh chun cinn, neamh-tholladh, neamh-chur, neamh-fhogha. Is í bád an neamh-sháithte í, go bráth ní shroichfidh port in aghaidh an tsrotha ar an gclódh san: ná fuil an cur chun cinn rámhaidheachta uirthe. Cuir feac ort féin is cuir uait an neamh-sháthadh mar ná corrófí choidhche an charraig ar an neamh-dhícheall so: ceal teannta chun a bogtha as an áit. An neamh-sháthadh do thug sé dhom ní leagfadh sí cuil: droich-eitim do theilgean as m'ionad seasta. Ar an neamh-sháthadh atá ag an namhaid dhá dhéanamh isteach sa dúthaigh eile ní shroichfid a dtriall choidhche: neamh-iarracht bhrúighte ar aghaidh. Lá ró-gharbh ar an muir é, ná tabhair aon neamh-sháthadh dhuit: iarracht neamh-chiallmhar ar dhul i gconntabhairt. Ní tháinig na crainn

mar tugadh neamh-sháthadh ar na planndaidhibh: níor tugadh an cur ceart ortha. Tairngthe neamh-sháithte is furaiste a mbogadh: neamh-ghreamuighthe.

neamh-scáinte: *a.r.* neamh-thairrnghe, neamh-lom; neamh-fheirghte; neamh-eaglach; neamh-thámáilte. An brosna breágh neamh-scáinte fiacal atá aice: dlúth-churtha ar a chéile. An duine cruinn a chongaibh a chuid airgid go neamh-scáinte: baileach, coimeádtach. Cuir an síol fánach barra a fhásas go neamh-scáinte seadh é, níl scruig ná mionbheárna ann: dlúth, fáischighthe, fuaighte. Fear neamh-scáinte ar muir agus ar tír, ná cúlfadh ó aon rud: neamh-eaglach. Bí chómh neamh-scáinte agus is féidir leat roimis, níl aon díoghbháil ann má bhíonn sé goirgeach féin: neamh-chúthail: neamh-thámáilte. Ar dhruim na talmhan níl aon tsaighdiúir is neamh-scáinte 'ná an tÉireannach i gcath: is lugha eagla ná faitchíos chun troda. Lapaidhe neamh-scáinte atá ar lachain is ar ghé: neamh-roinnte: neamh-scoiltighthe.

neamh-scáinteacht: *b.3.* neamh-scagaitheacht; neamh-scoiltighthe; neamh-scartha; neamh-léirighthe (ainmhidhthe etc.); neamh-eaglach; neamh-thámáilteacht; neamh-chúthaileacht; neamh-thanaidhe; neamh-luime; neamh-fhánacht. Comhartha maith ar éadach a neamh-scáinteacht: a bhí fighte go dlúth, fáischighthe as a chéile. Budh chóir go mbeadh foithin mhór gheimhridh sa doras san ar a neamh-scáinteacht atá na billeóga ann: a dhlúithe atáid greamuighthe lé chéile. Faic a mhaireas ná hionnsóchadh ár saighdiúiridhe lé neamh-scáinteacht a namhad: neamh-eagla. Leanbh go bhfuil neamh-scáinteacht ann a dhéanfadh muinntearthas lé haon duine deóranta: neamh-thámáilteacht: ná beadh ag dul i bhfolach uaidh. D'aindeóin na droch-aimsire is gan puinn bheith ar an dtalamh is ann atá stoc na neamh-scáinteachta: neamh-luime: nílid léirighthe ná caithte. Chuir an oiread leasuighthe a fuair an talamh an barra ó neamh-scáinteacht gan bheith fánach: ina bharra trom, tiugh, torthamhail. Ar dearg-chreathadh rómpa do bhí an oiread san aca ina choinnibh go dtángthas chun a tharrthála is annsan seadh tháinig an neamh-scáinteacht air: a tháinig a mheisneach do.

neamh-scaipeadh: *f.* (*-pthe*) neamh-dheighilt; neamh-fhánughadh; neamh-ruagadh; neamh-leaghadh. Baileach, cruinn, gasta, is é a chuid airgid go mbeidh an neamh-scaipeadh air: neamh-chaitheamh: a bheidh i dtaisce. Neamh-scaipeadh ar do chuid is ar do chlainn chughat mo ghuidhe-se duit: neamh-fhán: i bhfochair a chéile go bhfanaid. Ar an gclampar is an mío-ádh gur ghaibh tríd budh mhór an obair an neamh-scaipeadh a chuaidh ar a mheabhair aige: a fheabhas d'fhan a chiall 'sa réasún aige. Is sin é an neamh-scaipeadh do tugadh ar an síol go bhfuil an chré lé feicsint in áiteannaibh is tuir throma in áiteannaibh eile: an leathadh neamh-chúramach, neamh-eólgaiseach. Dá mbeidís dár rúscadh ó shoin lé n-a ghunnaidhibh móra is dár n-ionnsaidhe leis an mbeignit d'fhanamair daingean ar an neamh-scaipeadh: níor cuireadh an ruathar orainn. D'fhan an oidhreacht sa bhannc ar neamh-scaipeadh ar feadh na mbliadhain go bhfuairtheas na hoidhridhe go raibh buannacht aca uirthi: gan roinnt ná riaradh. Lé neamh-scaipeadh an tsuaracháin tá an chéad réal aige a thuill sé riamh: cinnteacht: greim dlúth coimeádta.

neamh-scannradh: *f.1.* neamh-eagla; neamh-fhaitchíos; neamh-uamhan; neamh-shainnt; neamh-chíocras. Thabharfadh sé fé aon rud dá chonntabharthaighe, leis an neamh-

scannradh: a bheith saor ar fad ó eagla. An neamh-scannradh ná neamh-eólas duit dul i mbun an innill chrosta chonntabharthaighe sin?: meisneach. Dá mbeitheá gan an neamh-scannradh chun an tsaoghail budh theann é do phóca indiu: ceal cíocrais, ceal sainnte. Nách ort atá an neamh-scannradh bídh is a fhaid ataoi id throscadh: gan dúil mhór ithte.

neamh-scaoileadh: *a.* (*-lte*) neamh-bhogadh; neamh-bhaint; neamh-leathadh; neamh-scaipeadh; neamh-fhuascailt; neamh-dheighilt; neamh-réidhteach. Neamh-scaoileadh an sparáin, beidh a rian air, beidh rud ann: é d'fhágaint fáiscighthe: gan an tsreang do bhogadh fé. Neamh-scaoileadh cruaidh ar ghlas-shnaidhm na héille seo go bhfuil ag dul díom aon lámh do dhéanamh uirthi: do-fhuascailt: díth-nascadh. Lé trí bliadhna ina bhráighe dho anois ar neamh-scaoileadh: gan saoirse do thabhairt do. Cuir neamh-scaoileadh ar do théid nó imtheóchaidh do bhád leis an dtaoide: ceangal ná bogfaidh. Is docht dian é neamh-scaoileadh mo bhroide, fiacha ges gach éinne orm is gan pingin ruadh im spagadh: ceal fuascaltha: gan faic agam d'íocfainn. Chuir neamh-scaoileadh an scéil chugham neamh-shástacht orm mar nár chóir é do cheilt orm: a neamh-leigeant orm. D'fhuilngeochadh an beartán aon tsnathadh ná tuargaint ar an neamh-scaoileadh atá air: é ceangailte, feistighthe ó thalamh. Neamh-scaoileadh na ceiste: neamh-réidhteach.

neamh-scaoilte: *a.r.* neamh-bhogtha, neamh-bhainte, neamh-scaipighthe; neamh-réidhtighthe, neamh-dheighilte; neamh-chaithte; neamh-fhuascailte; neamh-leathta; neamh-scafánta. Fear cruaidh láidir é, ach é bheith neamh-scaoilte: neamh-líomhtha as a chnámhaibh. D'aindeóin mo dhíchill tá an daradha neamh-scaoilte fós: neamh-réidhthighthe: cuir is snaidhmeanna fós air. An bhfuil an t-urchar as an ngunna so neamh-scaoilte fós?: gan chaitheamh: gan leigeant. Sin é an t-airgead neamh-scaoilte atá ag an airiceánach san: an t-airgead ná caithtear pioc de. Ní bheinn neamh-scaoilte leis mar gheall ar chúis bhig neamh-thábhachtaigh mar gáiridhe fúm: tuitighthe amach leis. Bhuail sí an cuan isteach is an oiread gaoithe agus srotha léi go raibh a seólta neamh-scaoilte: gan iad leathta. Margadh neamh-scaoilte é seo gan cóimh-chead: greamuightheach: ná fuil ar neamh-nidh. Tá neamh-scaoilte liom ag an bhfear ceannais agus shaoileas go raibh na cosa agam: cuireadh cosc lém fhuascailt: beannughadh pósta.

neamh-scar: *f.1.* neamh-dheighilt; neamh-fhairsinge; neamh-scoilt; neamh-leithne. Neamh-scar a choiscéimeanna ná taithnigheann liom: a chumhainge do shiubhlann sé: céimeanna gearra. An iomad neamh-scair ag an líon, ní mór an t-iasc do sháróchadh sé: ceal faide. An neamh-scar a dhein sé air féin is an gustal go léir do bhí aige a chuir iongadh ar na daoinibh: nár leathanuigh sé fé breis. Nách dána, cruaidh an charraig í dá mhéid an bualadh is an tuargaint atá dhá fhagháil aice go bhfuil an neamh-scar innte fós: gan scoilt ag teacht innte. Faid mhairfeam beidh neamh-scar eadrainn nó ní orm-sa bheidh an locht: neamh-dheighilt. Ar feadh a saoghail bhí neamh-scar muinntearais eatartha: gan aon easaontas. Neamh-scar a seólta atá ag teacht leis an mbád san gan breis siubhail do bheith aice: ceal flúirse anáirte dhá iomchar aice. Lé neamh-scar na dtuigidhe sa chléibh ní mór go scagfadh sí an ghainimh féin: a neamh-fhaid ó chéile.

neamh-scartha: *a.r.* neamh-dheighilte; neamh-scaipighthe; neamh-fhairsingthe; neamh-scoiltighe. Do chosa ró-neamh-scartha chun aon tsiubhalóide do dhéanamh: níl an searradh ceart ionta. Táim neamh-scartha fós leis, ní chuirfeadh aon rud fuath na háite air:

gan me bheith réidh leis. Bead-sa neamh-scartha leat-sa go fóill: beidh a thuilleadh bainte agam leat: nílim sásta díot fós. Lánamha neamh-scartha seadh iad pé duine a dubhairt a mhalairt leat, táid ag maireachtaint go sítheach sóghach i bhfochair a chéile: ná fuil imthighthe ó chéile.

neamh-scéimh: *b.2.* neamh-dhriuch; droch-chlódh; droch-chuma. Ar an neamh-scéimh atá air droch-fháidh seadh me má néann sé fear buan: deallramh ná fuil folláin ná sláinteamhail. Féach an neamh-scéimh atá ort, an sean-éadach salach san, is tú gan bearradh: an droch-chlódh.

neamh-scéimheamhail: *a.* drochchrotach; droch-ghnúiseach, neamh-mbreágh. Cailín glan, geal-chroicinn seadh í, ach go bhfuil sí neamh-scéimheamhail: ná fuil deallramh áluinn uirthi. Ceanntar neamh-scéimheamhail ná fuil cnuic ná farraige lé feicsint ann: gan chuma thaithneamhach air. Budh thaithneamhach an fear i gclódh is i bpearsain, níor bh'fhéidir lé rud ar bith clódh neamh-scéimheamhail do thabhairt air: cuma neamh-chrotach. Is neamh-scéimheamhail liom mar chapall é chun ráis do bhuadhachtaint: níl cuma fhuinneamhail an ráis air.

neamh-sceinnideach: *a.* socair; réidh; stuamdha; neamh-fhaitchíosach; neamh-scáthmhar; neamh-sceiteach. Ná bíodh aon eagla ort go dtógfaidh an capall san sceit, tá sé neamh-sceinnideach is ní bhainfeadh faic geit as: réidh, socair. Oiread agus cor níor bhain an phléascáil as is gach éinne eile ar baillechrith roimpe, tá sé chómh neamh-sceinnideach san: deacair preab do bhaint as. Éan neamh-sceinnideach seadh cearc: ní furaiste preab do bhaint aiste. Nuair bheadh faitchíos ar dhuine eile roim aon tsaghas glóir sa doircheacht bíonn súd chómh neamh-sceinnideach lé cloich: neamhchorruightheach.

neamh-scléip: *b.2.* neamh-thaidhbhse, neamh-rí-rá; neamh-lúthgháir; neamh-theasbhach; neamh-fhéis. Is ortha atá an neamh-scléip an aimsir seo tar éis a mbuachalla breágh d'adhlacadh: gan luthgháir. B'í oidhche na neamh-scléipe againn í, gan bhiadh, gan deoch, gan ceól, gan rinnce: gan rí-rá ná éirghe croidhe. Chun a cirt féin do thabhairt di, ní fheaca riamh geámaidhe ná fuadar fúithi ach an neamh-scléip: neamh-thaidhbhse: gan blomas ná tóirtéis. Neamh-scléipe ar fad seadh an baile anois, níor mhar sin tamall do, is ann a bhíodh an ramsach is an fothrom, ag ól is ag imirt, is práisc: neamh-shuathadh: neamh-ranngás.

neamh-scolbach: *a.* neamh-sprionnlaithe; neamh-chruinn. Buachaill neamh-scolbach nár ró-fhada an mhoill air an croiceann do bhaint de scilling: lán-chroidheach: mór-chroidheach: fairsing fé n-a chuid. Budh dheacair leis éinne d'eiteach, tá sé ró-neamh-scolbach: gan greim ar aonnidh.

neamh-scrios: *b.3.* neamh-chreach; neamh-mhilleadh, neamh-íde; neamh-chlaochlódh. Is mór an neamh-scrios claoidheachtaint Sheáin Bhuidhe: neamh-mhilleadh: neamh-dhíoghbháil. "Tá an taobh eile dhá phásáil" – "mo neamh-scrios": aon mhairg ní chuireann san orm-sa. Mo neamh-scrios mo namhaid d'imtheacht lé fuacht is lé fan: mo neamh-mhilleadh croidhe. Nách ar do chorrán do thugais an neamh-scrios an amhlaidh ná raibh aon mhaith sa rásúir?: neamh-bhearradh: neamh-ghlanadh féasóige. Neamh-scrios

ort féin is ar do chuid: neamh-ídeach: i bhfochair a chéile go bhfanaidh sibh. Gach cunntas a thagas ós na cómhachtaibh cómhraic tráchtaid ar an léir-scrios do dhéinid ar an namhaid agus an neamh-scrios a ghníos an namhaid ortha: beagán bascuighthe.

neamh-shéan: *f.1.* neamh-rath; mío-ádh; neamh-mhaise; neamh-chonách. Neamh-shéan ná raibh choidhche ort: ceal an ratha. Lá neamh-shéin ná rugadh ort faid is beó dhuit: lá mío-áidh. Neamh-shéan uaire nár thaithighir: oiread agus nóimint fé mhío-ádh ná raibh agat. Neamh-shéan ná raibh ort: an cónach nár fhágaidh thu. Neamh-shéan do phósta ná raibh ort: mío-ádh uait.

neamh-shéanadh: *f.* (*-nta*) neamh-dhiúltadh; neamh-cheilt; neamh-fholach; neamh-thréigean; neamh-staonadh; neamh-thréanas. É siúd! is é go raibh an neamh-shéanadh aige ar ar cuireadh ina leith: admháilt na cúise. Faic adubhart tá gach neamh-shéanadh agam air, gan aon eagla leis: admhuighim é: táim admhálach gan bheith freagarthach ann. Neamh-shéanadh mo mhuinntire an cleite is aoirde im chaipín, dá bhoichte is dá anacraighe iad: a neamh-cheilt go mbainim leo. Choidhche ní bheadh agam ach do neamh-shéanadh, is fada go ngeóbhainn thart go balbh: go leigfinn orm ná raibh coidreamh agam leat. Is dílis an neamh-shéanadh atá aige don áit go dtugann turus abhaile ar an sean-bhall gach bliadhain: neamh-thréigean. Mise fear neamh-shéanta an bhídh gach uair a gheóbhadh é d'íosfadh é: ná déanfadh tréanas air ná é do dhiúltadh. Neamh-shéanadh an pheaca: gan stad de.

neamh-shéantach: *a.* neamh-dhiúltach; neamh-cheileamhail; neamh-fholuighthe; neamh-thréigtheach. Seadh, táim neamh-shéantach ann cad é an mhaitheas dom gan a bheith, ná feacaidh an saoghal mór sa bhfoghail me: ní théighim ina chois: admhuighim é. Ná téighir neamh-shéantach ann seadh is lugha milleán a bheidh ort: ar é d'admháil. Nílim-se neamh-shéantach tá mo chuid airgid ar an mbórd agam: ag ceilt.

neamh-sheift: neamh-ghluais; neamh-chao; neamh-chleas; neamh-shás; neamh-thacar. Mara mbeadh an neamh-sheift do dheineas de do bheadh lán mo ghlaice d'airgead agam: ceal gnímh nuair fuaireas an chao. Na neamh-sheifteanna a bhíonn aige chun gach aonnidh do dhéanamh is bun lé n-a chliseadh: slighthe gan éifeacht. Sin a raibh aige imthighthe, leachta leis an neamh-sheift: gan dul i gcóir aire cheart riachtanach do thabhairt do. Neamh-sheift dom teicheadh, thairngeas amhras na ngárdaidhe orm féin: droich-cheapadh.

neamh-shéimh: *a.* neamh-chneasta; neamh-chineálta; neamh-mhín; neamh-chiúin; neamh-ghreanta; neamh-shóghail. Deoch gharg ghaibh sí siar go neamh-shéimh agam: ní mór ná gur loisc sí mo scórnach: neamh-shóghail: neamh-shócamhail. Ná labhair chómh neamh-shéimh leis an leanbh nó cuirfear uabhar guil air: neamh-chneasta: neamh-mhín. Cuma an-neamh-shéimh air nár mhaith liom dul ina threis: neamh-mhacánta: malluighthe. Fear na mbriathar neamh-shéimh: borb: mío-chuibheasach. An tobac olc atá anois ann is neamh-shéimh an gal do dheineann sé: garg: neamh-shubháilceach. Leóithne fuar, neamh-shéimh de dhruim an chnuic lá geimhridh: géar: feanaideach.

neamh-sheirbhís: *b.2.* neamh-thairbhe; neamh-riaradh; neamh-áis; neamh-fhriotháilt. Ó fuaireas é mar ghluaisteán is í an neamh-sheirbhís do bhaineas as: neamh-áis. Neamh-sheirbhís dómh-sa thu bheith ag obair liom, is amhlaidh bhír ag teacht treasna orm: neamh-thairbhe. Tar éis na neamh-sheirbhíse ar fad do thug sé uaidh fuair sé táille mór: an neamh-riar do dhein sé ar a ghnóth. Neamh-sheirbhís d'éinne annso cuid mhór glasraidhe do chur, mar tá an áit neamh-athchomair d'aon mhargadh: rud gan aon tairbhe. Neamh-sheirbhís dom-sa bheith ag saothar gan bheith deimhnightheach go mbeadh rud dá bharr agam: bascadh.

neamh-sheirbhíseach: *f.1.* neamh-fhriothálaidhe; neamh-oibrightheóir; duine neamh-shásamhail in adhmannas. Má tá neamh-sheirbhíseach i gCúige Mumhan is tú é, slacht ná gastacht ní chuirir ar aon rud: seirbhíseach meathta, neamh-chúramach. An neamh-sheirbhíseach is furaiste aithint rian a ghnótha, is é a bhíonn go breallach: duine neamh-shnasta.

neamh-sheóladh: *f.* (*-lta*) an seóladh, díriughadh nó stiúrughadh neamh-cheart. Ná bí ghá neamh-sheóladh, ná cuirfeá ar an mbóthar díreach é: ghá chur amudha nó as a bhealach. Ghom neamh-sheóladh ar mo mí-leas a bhí sé agus é ag dúmas gur chun mo mhaitheasa do bhí: ghom chur ar an mbealach ná hoireann dom. Budh dheacair don luing teacht saor ameasc na bhfochaisidhe, na scairbheach is na dtaoididhe fealltamhla ar an neamh-sheóladh do deineadh uirthe: an beartughadh neamh-oireamhnach. Aire mhaith sa chathair is ann do bhuailfeadh lucht neamh-sheólta do leasa leat: daoine a bheadh d'iarraidh tú do mhealladh ón mbóthar díreach macánta. Táir ag neamh-sheóladh na leitreach san: níl áit a triallta curtha ina cheart uirthe.

neamh-shíbhialta: *a.r.* neamh-mhiochair; neamh-shoilbhir; neamh-maitheach; neamh-lághach; neamh-bhéasach. Dá mbeinn neamh-shíbhialta ar do chuma shloigfeadh an talamh lé náire me, ní fhéadfá freagra mín do thabhairt ar neach: neamh-mhín: neamh-bhéasamhail. Nách neamh-shíbhialta an bheart uait gan teachtaire do dhéanamh don mhnaoi sin: neamh-maitheach: neamh-lághach.

neamh-shíneadh: *f.* (*-nte*) neamh-shearradh; neamh-luighe; neamh-fhadughadh; neamh-bhainistighe. Chaitheas an oidhche ar neamh-shíneadh gan aon chodladh: gan luighe go socair, guairneánach. Tá an capall san ina neamh-shíneadh: sínte go neamh-sheascair. Thaidhbhseóchadh neamh-shíneadh ar an lá lé doircheacht na dtráthnóintidhe: neamh-fhaididheacht: neamh-shearradh. Má leanair don neamh-shíneadh ar an dté is a ghainne tá sé beidh a gorta againn sa deireadh: gan baint siar as: neamh-bhainistighe. D'fhan sé ar a bhonnaibh ó thúis deireadh na hiomrascála ar neamh-shíneadh: gan oiread agus aon treascairt amháin do bhaint. Neamh-shíneadh ag an mbás ort!: nár threascaraidh sé thu.

neamh-shínte: *a.r.* neamh-luighthe; neamh-threascartha; neamh-shearrtha; cómhgarach. Nách é an fear neamh-shínte é is an fhaid go léir atá ann: ná seasuigheann lom díreach. Is é atá neamh-shínte ag an mbás fós: gan é bheith treascartha aige. Nách neamh-shínte amach an tigh é: gan é bheith leagtha amach ina cheart. Tá mo chuid talmhan-sa neamh-shínte lé n-a chuid sin: nílid i dteórainn a chéile. Gaol neamh-shínte fós atá eadrainn:

cómhgarach. Nílim neamh-shínte uait fós: nílimíd réidh lé chéile. Téad neamh-shínte: ná fuil teannuighthe a faid go léir. Seólta neamh-shínte lé gaoith: gan iad borrtha aice.

neamh-shíothcháin: *b.3.* neamh-shuaimhneas; achrann; earrad. Diabhail mhalluighthe nách fearrde éinne a bhíos istigh leó, neamh-shíothcháin a bhíos i gcómhnaidhe uatha: neamh-shuaimhneas is achrann. Deineann an diabhal an neamh-shíothcháin i gcómhnaidhe: cuireann sé na daoine in earrad lé chéile.

neamh-shíothchánta: *a.r.* neamh-shuaimhneasach; achrannach. Treabh neamh-shíothchánta iad ná hiarrfadh ach beagán cúise chun catha do chorruighe: gan chion ar an suaimhneas. Beidh an saoghal neamh-shíothchánta againn go síntear san uaigh sinn: clamprach.

neamh-shiubhal: *f.1.* neamh-luas, neamh-thapamhlacht, neamh-ghluaiseacht; neamh-ghnáthughadh. Leis an neamh-shiubhal atá ag an ngliogram gluaisteáin sin ní shroichfí ceann spric ambliadhna: neamh-luas: neamh-ghluaiseacht. Bíonn a neamh-shiubhal orainn le fada: ní ghnáthuigheann sé turus do thabhairt orainn. Mara mbeadh an neamh-shiubhal do dheinir ar an dtalamh do bheadh a fhios agat an mbítear ag déanamh foghla ort nó ná bítear: neamh-thurasadóireacht. Neamh-shiubhal ar do chuid oibre tar éis a déanta is bun lé gan tú do thabhairt na ndearmhadaidhe fé ndeara: gan fhéachaint ina dhiaidh. An neamh-shiubhal cainnte atá fút ní bheadh scéal aithriste go deó agat: moille. Oileán é sin go mbíonn neamh-shiubhal daoine air .i. is annamh do tugtar turus air. Neamh-shiubhal an bháis oraibh: nár ghnáthuighidh sé bhur líon tighe.

neamh-shiubhalta: *a.r.* neamh-thriallta; neamh-chuarduighthe; neamh-scrúduighthe. An leabhar so neamh-shiubhalta fós agam agus tá eagla orm go mbeidh roim mo scrúdughadh: neamh-léighte: neamh-ghabhtha tríd. Tá furmhór an cheanntair neamh-shiubhalta ag an aicíd: gan a cuaird tugtha air. Tigh neamh-shiubhalta seadh é: nár tugadh cuaird air lé haghaidh nidh áirighthe. Fear neamh-shiubhalta nár fhág a cheanntar féin riamh: nar thaisteal puinn. Bean neamh-shiubhalta seadh í: maighdean. Crioslacha tíortha i Mearaice Theas atá neamh-shiubhalta go fóill: nár bhuail duine dár dtíorachas-ne a chos ortha. Áit neamh-shiubhalta: iargcúlta, uaigneach.

neamh-shiubhaltach: *a.* gan bheith tugtha do shiubhal, do thaisteal, d'fhánaidheacht. Bó neamh-shiubhaltach seadh í, níor chás duit a fágaint in áit gan puinn cosanta: neamh-bhradach. Níl aon eólas agam ar mo chonntae féin fiú amháin, fear neamh-shiubhaltach seadh me: ná fuil tugtha do thaisteal. Bír árd-neamh-shiubhaltach orainn lé déidheannaighe, cad rinneamair ort?: ní ghnáthuighir teacht fé n-ár ndéin ná ar ár dtuairisc.

neamh-shiubhlóid: *b.2.* siubhlóid nó taisteal nó triall gan duadh nó gearird. Neamh-shiubhlóid d'fhear líomhtha, fuinneamhail mar thusa deich míle fichead: taisteal ná cuirfeá aon nath ann. Dheara dheineas neamh-shiubhlóididhe, ní gábhadh dhom bheith ag maoidheamh go ndeaghas ró-fhada ó bhaile go deimhin: turuiseanna beaga gearra.

neamh-shiubhlóideach: *a.* neamh-thaistealach, gan bheith tugtha do sheachrán ná d'fhánaidheacht. Bír neamh-shiubhlóideach ar an nDaingean ó tháinig an aois ort: ní ghnáthuighir go minic é. Casta ar a chéile istigh i lúib na teineadh nách neamh-shiubhlóideach an scraiste thu: righineadóir gur mhór leis a chos do chorruighe lasmuigh. Ainmhidhthe neamh-shiubhlóideacha seadh stoc: neamh-ghnáthach leó dul i bhfad ó bhaile: stuidéartha. Dá neamh-shiubhlóidighe do bheifeá ar thigh an tábhairne b'fhearrde thu é: dá luighead turus air.

neamh-shiúntuighthe: *a.r.* neamh-nasctha, neamh-cheangailte; neamh-dhlúithte. Cómhla neamh-shiúntuighthe a leathfadh na cait leis na gágaibh atá innte: gan a cláracha bheith dlúth daingean ar a chéile. Bád neamh-shiúntuighthe atá ag déanamh uisce ó shnaidhmin go fosta: go bhfuil scair idir chlárachaibh a plannc.

neamh-shiúráil: *b.3.* neamh-dhearbhthacht; neamh-dheimhneacht. Tá sé leathta gur báthadh seisear, ach níl air ach neamh-shiúráil, gach éinne is a ráfla féin aige: ní fios an fhírinne. Ní fhéadfainn dearbhadh leis, mar níl agam ach neamh-shiúráil ina thaobh: ar aiste nách féidir muinghin na fírinne do bheith as. Mara mbeadh neamh-shiúráil do bheith aige as féin is tapaidh do throidfeadh sé: é bheith in amhras cailleamhna. Ní bhfuaireas uaidh ach an neamh-shiúráil go n-íocfadh sé i bhféicheamhantas mé: gan deimhnightheacht go n-íocfadh go luath nó chómh luath agus bheadh ina chumas.

neamh-shiúrálta: *a.r.* neamh-dheimhnightheach; neamh-dhearbhtha; neamh-iontaoibheach. Gluaisteán (capall, bád, fear, lá, etc.) neamh-shiúrálta seadh é: ceann etc. ná féadfá do mhuinghin láidir do chur as. Cá maith muinghin do chur i rud chómh neamh-shiúrálta, cá bhfuil t'urradhas?: ná féadfá bheith lán-deimhnightheach de. Ná bí neamh-shiúrálta de theachtaire: cuimhnigh uirthi agus ar an gcúram a leanas í. Chómh neamh-shiúrálta dhe is táim d'fhód mo bháis: gan rian eólais.

neamh-shlacht: *b.3.* neamh-dheallramh; neamh-ghastacht; neamh-chríochnamhlacht; neamh-chóraidheacht. Féach ar do chuid istigh is amuigh, aithis é lé neamh-shlacht, a leithéid eile lé faillighe is neamh-chúram ní bhfaghfá: neamh-chríochnamhlacht: manaois is neamh-aire. Caith dhíot na bróga agus an hata san cuirid neamh-shlacht ort: neamh-dheis: tugaid clódh mío-thaithneamhach ort. Is amhlaidh do chuireann an dath gorm san neamh-shlacht ar na fuinneógaibh: deallramh ná réidhtigheann leis an súil. An neamh-shlacht id dhiaidh do shíor: an t-easbhuidh críochnughadh so-amhairc do chur ar do chúram. Ainmhidhe gan neamh-shlacht: ná fuil fuinnte córach, déanta dréir a chéile.

neamh-shlachtmhar: *a.* neamh-ghasta, neamh-chríochnuighthe; neamh-chríochnamhail; ar dhrochaiste; neamh-niamhair; neamh-néata. Oibrigheann sé go maith, ach go neamh-shlachtmhar, ní mór an moladh gheóbhadh sé as a breághthacht: gan a beith críochnuighthe ar shlighe thaithneamhaigh. Capall neamh-shlachtmhar é, tá na cnámha ró-reamhar fé agus siubhlann cumhang: ná fuil córach. Budh neamh-shlachtmhar an crot a bhí ar an leabhar, cuid de salach, stracuighthe: neamh-néata. Cailín láidir, folláin, ach í do bheith neamh-shlachtmhar: ní stadfá ded chuid oibre ghá hamharc: neamh-niamhair: gan déanamh córach do bheith uirthi. Budh neamh-shlachtmhar lé mnaoi an tighe mar dheineadh an cailín aimsire an gnóth uaireannta ní bhíodh na háraistidhe ró-ghlan ina

diaidh agus chuir uaithi í: gan néatacht ná gastacht innte. Taidhbhsighir neamh-shlachtmhar indiu dom, táir gan bearradh, is níl do chuid éadaigh ar fheabhas, níor dheacair crot is fearr do chur ort: neamh-ghasta: faillightheach i dtaobh do dheallraimh.

neamh-shláinte: *b.4.* ceal deagh-shláinte; sláinte idir eatartha. Níor chóir milleán do chur air gan puinn do dhéanamh, mar is fada ar neamh-shláinte é: sláinte ann as. Tairngeóchaidh an fhuaraidheacht agus an ragairne chun neamh-shláinte thu mara stadair: sláinte ann as: ní bheidh sí agat chómh maith ná a leath.

neamh-shláinteamhail: *a.* ar aiste neamh-fheabhasa sláinte; ná tabharfadh deagh-shláinte; neamh-fholláin. Poll neamh-shláinteamhail go rabhas im chómhnaidhe ann i láir na cathrach ameasc muilte: nár mhaith: áit nár mhaith is nár chóir don gcolainn. An rud atá ghod dhéanamh neamh-shláinteamhail tú bheith ró-cheangailte istigh san áit mhúchta so, áit ná fuil do dhóthain aoir agat: gan bheith ar ghnáth-aiste inntine is chuirp go mbeadh gach uile mháille agus sians i bhfeidhm a ngnótha nádúrdha go sásamhach gan duadh: neamh-fholláine: gan bheith saor ó ghalar, tinneas nó laige, etc.

neamh-shlighe: *b.4.* slighe nó bealach neamh-cheart; cuma déanta (rud); ceárd nó cumas beatha. Níor thaithnigh a neamh-shlighthe leis an gceann, agus ruaigeadh as an gcoláiste é: na béasa a bhí aige ní rabhadar lé moladh. Ní maith liom in ao'chor do neamh-shlighthe, bír ag tnúth, d'iarraidh buntáistidhe d'fhagháil, ag dul isteach i mbéalaibh daoine, annsan ag cúl-chainnt ortha, is céad rud nách é: bearta suaracha, glic, dar leat. Feirm bheag i bhfad ó bhaile mhór neamh-shlighe seadh í: neamh-shás chun maireachtana uirthe. Neamh-shlighe chun Dé bheith ag gadaidheacht: ní hé an bealach ceart é. Chun an uile ruda do dhéanamh tá neamh-shlighe leis féin aige: cuma chiotach: neamh-éifeachtamhail.

neamh-smacht: *f.3.* smacht ann as; smacht fuairéiseach, neamh-chúramach. Tá neamh-smacht ar do chlainn agus a rian ortha - ní néid ach mar is áil leó féin: gan srian, gan cosc ceartuighthe ortha: gan cumas ná cómhacht agat ortha iachall do chur ortha do chómhairle do leanamhaint. Is iomdha san tír a bhíos gabhtha, sealbhtha ges n-a namhaid, ach a bhíos fé neamh-smacht: ná bíonn fé chómhacht a dtola de chionn neamh-ghéillte. Tá sé de neamh-smacht orm oibriughadh nó gan: ar mo thoil féin atá pé rud is maith liom do dhéanamh. Tá neamh-smacht anois orainn in Éirinn ná raibh tamall: breis saoirse tola.

neamh-smachtuighthe: *a.r.* curtha fé dhuaidhnéis; fé thoil; neamh-chlaoidhte; neamh-mhínighthe; gan bheith tugtha nó curtha fé óighréir: neamh-umhaluighthe. Bheinn chómh neamh-smachtuighthe agat i ndeireadh dála agus táim anois, ní ghéillfinn choidhche dod mhursantacht ná dod dhéine orm: neamh-chlaoidhte léd thoil. Tír neamh-smachtuighthe seadh an dúthaigh seo agus é foillsighthe aice a mhinicighe a thógaimíd troid ar ár namhaid: do-chlaoidhte. Dá mhéid aire agus leigheas atá tugtha don aicíd tá sí neamh-smachtuighthe go fóill: níl deireadh curtha léi. Dá fheabhas a chuireann sé chuige an t-ól do thréigean tá an miangas chuige neamh-smachtuighthe aige: gan bheith fé chois.

neamh-smaoineadh: *f.* (*-nte*) ceal smaoinimh, machtnaimh. Neamh-smaoineadh dom dearmhad do dhéanamh ar do leabhar d'fhilleadh ort: ceal cuimhnimh: ceal gan bheith ag

machtnamh mar budh chóir dom. Deir duine nuair bhíonn dearmhad déanta aige go faillightheach ar rud nó aonnidh budh chóir do dhéanamh, "A, budh mhór an neamh-smaoineadh dom é sin d'imtheacht orm". Dom-sa, agus is maith is eól dom é, ná tugair ach an neamh-smaoineadh: machtnamh fuar, faillightheach.

neamh-shnaidhm: *b.2.* snaidhm neamh-fháiscighthe; cuibhreach nó ceangal so-scaoilte. Mara mbeadh gur neamh-shnaidhm do chuiris ag ceangal an dá théide ní scaoilfeadh chómh bog, neamh-thuiseach: snaidhm nár chailleas mórán dá duadh. Ní haon neamh-shnaidhm atá anois ort, snaidhm an phósta: nár dheacair a scaoileadh. Má dhein sé siúd teacht lé coingheallachaibh an mhargaidh bí deimhnightheach gur neamh-shnaidhmeanna do chuir sé air féin: cuir nár dheacair do a cheann do tharrac asta.

neamh-shnámh: *f.3.* snámh nách fiú trácht air. Snámhadóir iongtach gur neamh-shnámh do an bealach cumhang san do shnámh: gan aon tseamhair aige é.

neamh-shocair: *a.* neamh-réidh, neamh-shlinn, neamh-shuaimhneasach; neamh-sheascair; neamh-chóirighthe. Aimsir neamh-shocair seadh í, ní mholfainn duit dul ró-fhada ó bhaile: athruightheach, neamh-mhuinghineach. Bóthar neamh-shocair nách féidir ualaighe móra d'iomchar air gan an t-uachtar ró-mhaith air: neamh-réidh, neamh-chomhthromamhail. Labhrair neamh-shocair ní bhfaghaim greim ar a n-abrair: ró-thapaidh, ró-ghuairneánach. Oidhche neamh-shocair do chaith sé airéir: gan chodladh. Ag an mbáirsigh mhná atá aige is neamh-shocair an saoghal aige léi, í ag ithe is ag bearradh air gan sos do thabhairt do: neamh-sheascair: neamh-shuaimhneasach. Dá mbeadh cistinn neamh-shocair ag mnaoi eile ar a nós san do bheadh náire uirthi: gan slacht, gan cóiriughadh. Tagann an saoghal go neamh-shocair air, nár mhaoidhidh Dia air é: go duaibhseamhail: anródhach. Clocha neamh-shocra iad san i bhfalla, dúrnóga gan chuma: ná luigheann go neamh-chorruightheach. Na tíortha atá tógtha aice táid go neamh-shocair: neamh-shuaimhneasach: neamh-chiúin. Tá an cúrsa neamh-shocair eadrainn fós: neamh-réidhtighthe. Capall neamh-shocair ar a dhrom: ní subháilceach marcaidheacht air lé n-a ghuairneánaighe. Long neamh-shocair i bhfarraige shuaidhte, i reachtaibh a béil do bhualadh fúithi: baoth. An innchin go neamh-shocair aige lé fada: gan a chruinn-mheabhair.

neamh-shócamaisidhe: (**-shócamainidhe**) *iol.* neamh-shóghalaistidhe, neamh-ollamhaighistidhe; neamh-shócainidhe; togha biadhanna. Is groidhe an fear é i neart, 'sis dathamhail é i gcruth gidh ar neamh-shócamaisidhe do tógadh é: cóir bhídh ná raibh an diabhal lé feabhas uirthi.

neamh-shochma: *a.n-dh.* neamh-cheannsa, neamh-chiúin, neamh-mhodhamhail; neamh-mhiochair; neamh-choidreamhamhail. Bíodh sé ar an bhfear is lághaiche sa domhan uile tá clódh agus imtheacht neamh-shochma fé: neamh-mhuinnteartha: neamh-shocair. Níor labhras riamh leis ná go bhfuaireas go neamh-shochma é, muc ar gach malainn leis, is fonn t'ithte air: neamh-mhiochair: neamh-thláith. Braitheann sé neamh-shochma ó mhaidean, tá rud éigin ag gabháil do: tá sé neamh-shochma: mí-shásta i gcorp 'sin aigne. Is go neamh-shochma do dheineann an capall san aon obair: tuaisceartach: suaidhte: gan luighe go coingheallach léi. Farraige neamh-shochma atá ann chun dul uirthi indiu: ná

fuil ciúin ná socair. Ólann sé a dheoch go neamh-shochma: gan eaga, gan subháilceas do bhaint aiste.

neamh-shocracht: *b.3.* neamh-réidhe, neamh-chiúine; neamh-shuaimhneas; neamh-shos; guairneánacht. Lé neamh-shocracht na haimsire níor bh'fhéidir iascach oidhche do dhéanamh: a neamh-chiúine. Cad é an neamh-shocracht atá ort ar ár stól go bhfuilir ghom shuathadh?: neamh-shuaimhneas: guairneán. Gan mór-chuid taithighe budh dheacair do dhuine seasamh sa bhád lé n-a neamh-shocracht: baothacht: corrathónaidheacht. An neamh-shocracht do shíor ina earball ní fhéadfadh luighe fé choidhche in aon áit amháin: neamh-shuaimhneas aigne chun fánaidheachta. Toisc neamh-shocracht na tíre tá a ndóthain d'ughaim thairric ortha biadh a ndóthain do sholáthar thar lear: mío-shuaimhneas, gan síothcháin is ciúnas ceart do bheith innte. Neamh-shocracht na hincheann do spreag é chun idighthe lé n-a mhnaoi: gan í do bheith ar ghnáth-aiste céille. Ar a neamh-shocracht atáid riamh sa pholl gleanna san: ag bruic go duaibhseamhail leis an saoghal. Neamh-shocracht na gaoithe níor bh'fhios duit cad áird go dtiocfadh sí ort: luaithe: gan aon stuidéar do bheith uirthi: í ar fuaidreadh ó áird go háird. Neamh-shocracht an bhóthair a chuirfeadh ó shiubhal tapaidh thu: a ghairbhe: neamh-mhíne: neamh-chomhthrom.

neamh-shona: *a.n-dh.* mío-ádhmharach; neamh-áthasach; neamh-shéanmhar; neamh-rathamhail; neamh-shoilbhir; neamh-shóghach; neamh-shuairc. Is neamh-shona dhom ná féadfainn lá oibre d'fhagháil is muirear mór lé cotháilt agam: neamh-áthasach. Bliadhain neamh-shona go maith curtha ag Seán Buidhe, ní mó 'ná buidheach atá sé dhe féin: mío-shásta, scannruightheach. Líon tighe is neamh-shona sa chúige, caillteart mórán ainmhidhthe ortha: neamh-rathmhar. Ar na snaidhmeannaibh atá dhá chur ar do bhéal agat táir go neamh-shona ar an suidheachán san: neamh-shásta.

neamh-spéis: *b.2.* neamh-shuim; neamh-thaithneamh; neamh-thuath; neamh-mheas. An iomad neamh-spéise a fhágas cuid mhór ar an bhfán: neamh-aire. Leis an neamh-spéis d'fhágas amuigh thar oidhche é is ar maidin bhí sé bailighthe leis ag srathaidhe oidhche: neamh-shuim. An té atá ag tabhairt fén bhfarraige choimhthigh sin in árus dearóil is mór í a neamh-spéis ina anam: is beag aige bás d'fhagháil. An neamh-spéis in airgead go mbíodh ghá scaoileadh uaidh ar nós an uisce ar gach cor: ceal lúib istigh do bheith aige ann: gan aon mhachtnamh do thabhairt do. Neamh-spéis feóirlinge do chuirfinn ann, a shuaraighe an meas atá agam air: an mhairg do chuirfead dochar feóirlinge orm. Thug sí a fear chun na cúirte lé n-a neamh-spéis innte: ceal ceana agus aire mar budh dhual do chéile do thabhairt di. Budh chuma liom, níos túisce ná bheadh aon ghleódh ina thaobh. Dheineas neamh-spéis de: leigeas tharm é gan bac a thuilleadh leis. Dá mbeadh sé gan neamh-spéis an tighe seo ní bheadh sé ag imtheacht ar bóiléagar mar tá: neamh-mhairgeach ina thaobh.

neamh-spéiseamhail: *a.* neamh-shuimeamhail, neamh-mhairgeach, neamh-thuathach, neamh-mheastamhail (ar). Bím ró-neamh-spéiseamhail ionat, is eagal liom, ní hiongadh dhuit gan leaghadh do bheith agat liom: ní thugaim an oiread cúraim duit ná ní chuirir an oiread corrabhuaise aigne orm is budh cheart. Ná cuimhneófá ar an lá cruaidh agus gan bheith chómh neamh-spéiseamhail id chuid airgid is bheith ghá chaitheamh go haindeis

ar go héinne: neamh-mhairgeach: gan a bhraithstint gur dochar duit é. Cad n-a thaobh go bhfuil sé chómh neamh-spéiseamhail ina mhnaoi ná labhrann sé léithe: gan ceann do thógaint di lé neamh-chion nó lé háird innte. Cailín neamh-spéiseamhail a fhágfadh áruistidhe an lae i gcóir glanachair an lae ambáirigh: faillightheach i nglanchar, is ina cúram. Ó táir-se neamh-spéiseamhail id chúram, cad é sin dom-sa ná beinn chómh neamh-spéiseamhail leat: fuar: faillightheach.

neamh-spleádh: *b.2.* neamh-bheann; neamh-phréac; neamh-chleitheamhnas. Ní déanfair an rud is mian leat lé neamh-spleádh dhómh-sa, mise an duine go bhfuil smacht agam ort: gan bheann orm. An neamh-spleádh dar leis, atá ag baint leis, tá, nuair ná fuil éinne ag cur mairge air: an neamh-bheann atá aige ar gach éinne.

neamh-spleádhach: *a.* neamh-mbeannamhail ar éinne, neamh-phréacach. A dhóthain aige agus a shláinte aige, tá sé neamh-spleádhach ar an saoghal mór: níl beann aige ortha: ní gábhadh dho iad do chur aon charrabhuaise air. Daoine neamh-spleádhacha iad anois, ní rabhadar mar sin tamall, b'fhuraiste bheith ar thóin ortha: gan bheith fé smacht ná chomaoin ag éinne: bheith ar aiste gur féidir lé duine déanamh dréir a thola: nách gábhadh dhóibh bheith ag brath ar éinne ná ar aon rud. Labhair go neamh-spleádhach cá bhfuil t'eagla?: go dána, gan bac lé neach: scaoil chun an tsluaigh a bhfuil ar do chroidhe. Táir neamh-spleádhach ar an bhfochais .i. a fhaid uaithi is nách féidir léi do dhíoghbháil. Dá mbeinn chómh neamh-spleádhach ar gach aonnidh is táim air budh shámh do chodlóchainn: gan bheann: gan bheith ag brath air ná bheith fé chomaoin aige. Neamh-spleádhach leis an saoghal: saor ó bheith ag brath air ná a bheith ina lúib ar aon tslighe. Níl neach neamh-spleádhach ar chabhair Dé: is éigean do gach nduine bheith ag brath uirthe. Bhuaidh sé an duais mhór, shanntuighthe go neamh-spleádhach, ní raibh an té budh ghiorra dho i ngiorracht fiche marc do: go faoibín: gan aon duadh. Féach air, nách neamh-spleádhach do shiubhlann sé: go tóstalach, nó gan duadh (tar éis goirtighthe). Tagann cainnt bhreágh bhog ar an nduine neamh-spleádhach: is furaiste dho a rádh go ndéanfadh so súd dá mbeadh sa treis chéadna. Iomcharóchad go neamh-spleádhach an t-ualach so, fair me: gan puinn duaidh in ao'chor. Níl Éire uile neamh-spleádhach fós: saor ón namhaid.

neamh-spleádhachas: *f.1.* neamh-bheann; saoirse; préac; gan chuibhreach ná smacht chun an toil do dhéanamh. Mhaoidh sé ná raibh fear againn go mbeadh eagla aige roimis, sin é an neamh-spleádhachas agat!: beag beann ar cad thárlóchadh do. Bíonn gach éinne i neamh-spleádhachas an duine bhoicht: ní bhíonn iachall aige ortha a thoil do dhéanamh. Níl aon neamh-spleádhachas orm: nílim ag maoidheamh go bhfuilim níos fearr as 'ná cách. Budh mhór an neamh-spleádhachas do cainnt theann do thabhairt uaidh ameasc daoine ná raibh cáirdeamhail: meisneach spiride.

neamh-sprioc: *f.1.* neamh-shuim; neamh-spéis; neamh-fhriothóilt. Ná déin neamh-sprioc den rud adubhart leat agus ní bheir in aithreachas: neamh-fhriothóilt: cuir bun air agus beidh rud buaidhte agat leis. D'fhágas amuigh thar oidhche é, rug an sioc air is lait é, sin é an neamh-sprioc agat: ceal ceart aire is friothála. An té a dhéanfas neamh-sprioc dá anam beidh thiar air: ná friothálfaidh a shaoradh in am. An neamh-sprioc dom gan é do

dhéanamh ar an gcéad ghnóth agus bheith deimhnightheach de, ó bhí sé tábhachtach: faillighe is manaois.

neamh-sprid: *b.2.* neamh-anamamhlacht; neamh-mheisneach; neamh-dhánaidheacht. Ní raghainn abhaile an bóthar uaigneach san déidheannach san oidhche lé neamh-sprid: ceal meisnigh roim phúcaidhibh. Lé neamh-sprioc ní fhéadfainn cogusaidhe dochtúra do thógaint: lé neamh-neart aigne.

neamh-sprionnlaithe: *a.r.* fial, laimhthighiseach, flaitheamhail; neamh-shuarach. Dar fiadh do dhíol sé as do chuid oibre go neamh-sprionnlaithe: galánta: neamh-chinnte: neamh-chneamhaireach. Tá breis agus a cheart tugtha aige dhuit, do shín sé a lámh go neamh-sprionnlaithe: neamh-ghortach: neamh-scrutach. Ná bí neamh-sprionnlaithe lé duine lag, tabhair do a bhféadfair: galánta. Fuair sé airgead neamh-sprionnlaithe ar a chuid earraidhe: luach maith.

neamh-shrianta: *a.r.* neamh-choiscighthe; neamh-staonta; neamh-smachtuighthe. Ó, dá gcloisteá an teanga neamh-shrianta atá aige, chuirfeadh sí an ghruaig 'n-a coilg-sheasamh ar do cheann lé heascainidhe is droch-chainnt: teanga ná fuil fé smacht: a imthigheas di féin. A mhianta neamh-shrianta do thug sé a gceann sa gcosa dhóibh: mianta neamh-choiscighthe. Buachaill neamh-shrianta .i. atá imthighthe ó smacht.

neamh-shuaimhneas: *f.1.* neamh-shos; neamh-chiúine; neamh-shocracht; guairneán. Rud éigin d'ith sé is nár réidhtigh leis atá ag cur an neamh-shuaimhnis air: neamh-shástacht cuirp. Aithnighim orm go bhfuil an neamh-shuaimhneas ag tosnughadh leat: go bhfuilir ar tí achrainn do dhéanamh nó go bhfuil suathadh cuirp chughat nó fonn gluaiste ort. An ghaoth is an taoide ag cur i gcoinnibh a chéile a chuireas an neamh-shuaimhneas ar an bhfarraige: a ghníos suaidhte, fiadhain, borb í. É ag óráididheacht ag spreagadh neamh-shuaimhnis in aghaidh an riaghaltais: suathadh do chur air. Ní hiongadh dhi neamh-shuaimhneas do bheith uirthi, gan aon tuairisc aice ar a mac, beó ná marbh, ó thúis an chogaidh: suaiteacht aigne. Ná cuireadh san neamh-shuaimhneas ort, maithim duit é: ná cuireadh sé mairg ort. D'aindeóin ar dheineas chun a mhaoluighthe is ag dul chun neamh-shuaimhnis do bhí sé: neamh-shocracht.

neamh-shuaimhneasach: *a.* neamh-shosach; neamh-chiúin; neamh-shocair; guairneánach. Pé rud atá orm táim an-neamh-shuaimhneasach, ní fios dom cad is ceart dom do dhéanamh, stad ná suidhe: guairneánach. Is fada go raibh tíortha an domhain chómh neamh-shuaimhneasach, táid uile go léir nách mór i muineál a chéile: neamh-shíothchánta. Codladh neamh-shuaimhneasach do dheineas airéir, snapanna beaga gearra is mór-chuid thaidhrithe: neamh-shocair, neamh-shubháilceach, neamh-shámh. Ná bí chómh neamh-shuaimhneasach anois is gheóbhair do chuid: neamh-fhoidhneach, imshníomhach.

neamh-shuairc: *a.* neamh-shoilbhir; duairc; neamh-aoibhinn; neamh-thaithneamhach; neamh-lúthgháireach. Scéal neamh-shuairc cailleamhaint airgid: neamh-shásta. Ní bhfaghainn focal as is mo dhícheall do dhéanamh chun a bhogtha, bhí sé chómh neamh-shuairc sin: neamh-shoilbhir: duairc: a cheann fé aige. Níor neamh-shuairc leis dul ag ól

leat, mar is mór é a dhúil ann: budh súgach leis é. Ná bí neamh-shuairc choidhche más féidir leat, cad tá buaidhte?: neamh-lúthgháireach: dochmamhail.

neamh-shuairceas: *f.1.* neamh-lúthgháir; duairceas; neamh-aoibhneas; neamh-mheidhréis; neamh-shult. Neamh-shuairceas an chuid eile dhom shaoghal anois ó tá mo bhuidhean go léir ag tabhairt an fhéir: neamh-aoibhneas is brón. Chuirfeadh sé neamh-shuairceas ort bheith ag léigheamh ar a bhfuil d'fhearaibh dhá mharbhadh: duairceas croidhe: tuirse croidhe. Áit nách maith liom turus do thabhairt air, ní bheadh rómhat ach neamh-shuairceas, gáire ná focal seóidh ní bhfaghfá uatha choidhche: neamh-aoibhneas: doicheallacht aigne.

neamh-shuan: *f.1.* ceal codlata; neamh-shámh. Ní maith liom té roim luighe dhom, cuireann sé neamh-shuan orm .i. coimeádann im dhúiseacht me. Nách air a bhíodh an neamh-shuan is nár bh'é a bhí go braithteach, do chloiseadh sé an chnag budh lugha ar an ndoras: neamh-chodladh: codladh éadtrom.

neamh-shuanmhar: *a.* neamh-chodlatach. Duine neamh-shuanmhar seadh é, bíonn n-a shuidhe ar fhuinneógaibh an lae gach maidean: ná téigheann an codladh dian air. Oidhcheannta neamh-shuanmhara. Is me a chaith iad ar m'aire féin ar an namhaid nuair bhíos ar mo chosaint: gan codladh, gan sos cuirp.

neamh-shuarach: *a.* neamh-sprionnluighthe; tábhachtach; neambeag; toirteamhail. Dá mbeadh a fhios agat i gceart is neamh-shuarach agam-sa thu, is beag duine go bhfuil oiread urrama agam do: tábhachtach: mór. Daoine neamh-shuaracha ionta féin iad súd, bheadh súil lé hómós aca uait nách mór: tóirtéiseach: tábhachtach. Duine neamh-shuarach ná déanfadh a ainm do chur i dtreis ar phúnt nó dho: neamh-sprionnlaithe. Budh neamh-shuarach leis mar chao í chun í do leigeant tharais gan a greamughadh: budh spéiseamhail leis í. Airgead neamh-shuarach seadh scilling nuair bheadh duine briste is ocras air: airgead a thaidhbhsigheas mór. Budh ghránda do chúitigh sé leat é, cé gur neamh-shuarach do bhís leis go minic nuair bhí an gábhtar air: galánta, fial.

neamh-shuarachas: *f.1.* neamh-sprionnlaitheacht; neambige; tábhacht; neamh-tháir. Tá an neamh-shuarachas ag baint riamh leat, a dhuine bhoicht, is fada go gcuirfeá t'ainm i dtreis lé paca bitheamhnach mar iad san: neamh-tháir. Neamh-shuarachas aon lá, púnt: tábhacht: rud ná tuilleann beag-spéis. Bíodh sé de neamh-shuarachas ionat airgead do thógaint ó dhuine bhocht ná fuil puinn cumais aige air: easbhaidh sprionnlaitheachta. Níor fhéach sé siar riamh orm cad bhí agam dhá dhéanamh ar an uain i láthair, ach cá ngeóbhadh an neamh-shuarachas?: easbhaidh beag-chúise.

neamh-shughadh: *f.* (*-uighthe*) neamh-tharrac; neamh-shúghrac; neamh-mhealladh. An seómra lán de dheatach toisc an neamh-shughadh atá ag an múchán (simné) cumhang: neamh-tharrac: neamh-shlogadh. Níl aon fhonn dighe indiu ort, tá neamh-shughadh éigin neamh-ghnáth ort: ceal tairric thríd isteach: neamh-shughrac. Níl aice dhom ach an neamh-shughadh: ní mheallfadh sí choidhche me lé n-a deallramh. Ní fheadair éinne cad é an fhaid a bhí sé san uisce, is nár mhór an neamh-shughadh é nuair hoscladh air bhí sé chómh tirim is bhí an chéad lá: neamh-tharrac uisce: neamh-shughrac.

neamh-shuidhe: *f.* (*-idhte*) ar aiste ná bíonn fonn suidhe (ar). Ó tháinig isteach níor stad sé de bheith ag siubhal tímcheall nó ina sheasamh, cad é an neamh-shuidhe atá air?: guairneán: neamh-fhonn a scíthe do leigeant.

neamh-shuidhte: *a.r.* gan bheith ar shuidheachán nó gan bheith subháilceach i suidheachán. Faigh suidheachán duit féin is ná bí neamh-shuidhte mar sin: id sheasamh. Faigh an chathaoir shócamhail seo, éirigh den stól chruaidh sin táir neamh-shuidhte air: neamh-sheascair.

neamh-shúil: *b.2.* neamh-dhóchas; neamh-choinne. Tá an dochtúir muinghineach go leór, níl aon neamh-shúil leis: neamh-dhóchas go dteárnóchaidh sé. Is againn a bhí an neamh-shúil leis, nuair bhuail sé chughainn isteach, ní fheadramair ná gur sa domhan toir do bhí sé: neamh-choinne: ní rabhamair ag brath ar a theacht: ní raibh rabhadh ná smaoineamh againn go dtiocfadh. An neamh-shúil lé rud do theacht ort a fhuasclóchadh an bhochtanacht go bhfuil an briseadh croidhe ann: gan a luighead dóchais go dtiocfadh chun cinn.

neamh-shuim: *b.2.* neamh-spéis; neamh-aire; neamh-áird; neamh-thoradh; seal geairid; cantam nó múirle beag. Neamh-shuim an tsaoghail d'fhág beo, bocht, dealbh me: gan áird do chur ar an saoghaltacht: gan me féin do thabhairt ar sholáthar i gcóir an lae chruaidh. Ní thaithnigheadh neamh-shuim ban ann leis: neamh-áird: neamh-thor ná tógaidís aon cheann de. Duine neamh-shuime é, ní dóigh liom go gcuirfeadh sé aon mhairg air a thigh do bheith trí theine: ná fuil áird aige ar aonnidh nó ná cuireann rud ar bith oiread mairge air is go dtógfadh sé ceann de. "An rabhais i Mearaice?" – "chaitheas neamh-shuim (aimsire) ann": seal geairid. "Mhaoidhfeá as mórán airgid fé láthair anois" – "neamh-shuim": beagán. Toisc an neamh-shuim do chuireas ann tháinig buile air, cheap sé gur cheart dom do bheith ag lútáil air: an neamh-cheann do thógas de: an neamh-spéis do chuireas ann: an neamh-aire a thugas dá bheith láithreach. Mar gheall ar mo neamh-shuim ann tá fáth leis: neamh-áird: gan bacamhaint leis. An neamh-shuim (aimsire) do chaith sé ann mo thuairm mar ná fuil puinn cunntais aige ar an áit: seal nách mór b'fhiú d'áireamh. Á, ní raibh ach neamh-shuim (airgid) sa méid a chaill sé: oiread is nár bh'fhiú trácht air. Neamh-shuim mhór ag ceannuightheóiridhibh i stoc lá an aonaigh: ní rabhadar guilmeach chun a gceannuighthe. Is fadó riamh d'imthigh an earra san i neamh-shuim, ní díoltar in ao'chor anois í: níor fhan aon éileamh uirthi.

neamh-shuime: *b.4.* neamh-fhlúirse, neamh-shaidhbhreas, beag-mhéid; neamh-mhéid. Tá iomard éigin orm, téigheann gach rud chun neamh-shuime dhom: ní bhfaghaim aon tairbhe asta, leaghaid orm. Toisc nár thug sé aire dos na fo-phingnidhibh a thagadh isteach air anois is airís chuadar chun neamh-shuime dho: chun neamh-nidh: ní tháinig aon fhás ortha: ní dheaghadar chun aon tairbhe dho. Neamh-shuime mo mhaoine nár chuir ar mo chumas beatha scléipeach do chaitheamh: neamh-fhairsinge mo choda: a luighead d'ionmhas is bhí agam.

neamh-shuimeamhail: *a.* neamh-aireach; neamh-mheastamhail (ar), neamh-spéiseamhail; neamh-thábhachtach. Nílim neamh-shuimeamhail ionat in ao'chor, is minic

mo mhachtnamh ort, is is mian liom do bhail: neamh-spéiseamhail: gan áird agam ort: gan aon bhaint do bheith agam léd ghnóthaidhibh ná tinneas ná imshníomh ina dtaobh orm. Bhítheas ró-neamh-shuimeamhail sa nGaedhealaing ró-fhada go dtí gur fhóbair di bailiughadh léi: ní rabhthas ina cúram. An té a bhíos neamh-shuimeamhail i scilling bíonn sé neamh-shuimeamhail i bpúnt: an té ná beidh aireach ar an mbeagán ní bheid ar an mórán. Gnóth neamh-shuimeamhail atá 'on bhaile mhór indiu agam, dhéanfadh leanbh é, ní fheadar cad tá ghom thabhairt ann in ao'chor ar a leithéid de thoisc: neamh-thábhachtach.

neamh-shult: *f.1.* neamh-áthas, neamh-mheidhréis; neamh-shásamh; neamh-aoibhneas; neamh-lúthgáir; neamh-ghirréis. Is me a fuair an neamh-shult san suidhte im pheidhleacán párlúis is ná glaodhfadh éinne ag rinnce orm: neamh-aoibhneas. Ní sult in ao'chor ach neamh-shult bheith ag fonmhóid fé sheanóir: ní sult dlistineach é. Is fearr gan é do chainntiughadh, tá cuma an neamh-shuilt air: deallramh neamh-thaobhach lé greann. B'é lá an neamh-shuilt ar an mbóthar againn é rud éigin bun os cionn ag ár ngliogram gluaisteáin ag stad gach aon tarna míle: ná raibh aoibhneas ná subháilceas againn. Chuirfeadh sé neamh-shult ar do chroidhe bheith i gcuideachtain chómh neamh-anamamhail léi: duairceas: pé fonn grinn a bheadh ort d'imtheóchadh sé. Gura b'é an neamh-shult a bhainfir as, tá sé agat dem aindeóin: aon tsubháilceas ná greann nár fhaghair ann.

neamh-shultmhar: *a.* neamh-mheidhréiseach; neamh-shásamhach; neamh-aoibhinn; neamh-ghirréiseach; neamh-ghreannmhar. Budh neamh-shultmhar liom iad chun luighe leó nuair chromadar ar áiteamh: neamh-shásamhach dom aigne: neamh-aoibhinn. Buachaill neamh-shultmhar ná feicfeá oiread is fáth an gháire choidhche air: gan ghreann gan ghirréis. B'shin é an cómhrádh neamh-shultmhar a bhí againn ag trácht ar a mbás: neamh-aoibhinn: brónach.

neamh-thábhacht: *b.3.* beag-luach; neamh-spéis; neamh-shuim; neamh-chunntas. Níor dheineas den gcúrsa nuair chuala ar dtúis é ach neamh-thábhacht: go dtí go rabhas lán-deimhnightheach go raibh sé i gceist níor chuireas ann ach beag-shuim. Neamh-thábhacht a néann sé den rud is riachtanaighe agus is géibhinighe: neamh-nath: aon mhairg ní chuireann air. Neamh-thábhacht leis an lá do bhuadhachtaint go bog: aon mhairg ní chuirfidh air. Neamh-thábhacht orm-sa cíos trom tá an t-ioncás trom: rud nách fiú trácht air maidir lé costas. Budh mhór ag an gceanntar tamall é, is mór mar chuaidh sé i neamh-thábhacht: ní cuirtear puinn suime ann. Leis an neamh-thábhacht cheart do scaras lém chapall breágh ar bheag-luach: gan oiread de lúib istigh do bheith agam ann is budh cheart dom é.

neamh-thábhachtach: *a.* neamh-chéimeamhail; neamh-árd; neamh-éachtach; neamh-leitheadach; neamh-scabhárdach; neamh-ghustalach; neamh-chumasach. Siopadóiridhe neamh-thábhachtacha atá ar an mbaile beag, ní mór an trácht a bhíos aca: nílid árd sa tsaoghal is níl mórán cómhachta aca ameasc daoine. Scéal neamh-thábhachtach seadh duine do phósadh, déintear gach lá é: ní rud é go dtógtar ceann de. Díoghbháil neamh-thábhachtach atá déanta aige seachas mar bheadh dá mbeadh sé gan é do chosc: díoghbháil nách mór gur fiú trácht uirthi. Gabháltaidhe neamh-thábhachtach seadh me, is

beag é m'fhagháltas: neamh-ghustalach: níl cao chainnte agam as a bhfuil agam lé n-a mhéid. Leitir neamh-thábhachtach í seo, níl innte ach fógra earraidhe: gan áird.

neamh-thabhairt: *b.3.* (*-artha*) neamh-fhás; neamh-bhronnadh; neamh-thorughadh; neamh-ghéilleadh; neamh-shearradh; neamh-fhulang. B'éigean éirghe as aonnidh do chur ann lé neamh-thabhairt na talmhan: neamh-thorthamhlacht. Aon órdlach eile ní thiocfadh as lé n-a neamh-thabhairt: neamh-shíneadh lé tarrac. Neamh-thabhairt arbhair lé triomacht na haimsire: neamh-fhás. Duine gan aon cheal neamh-thabhartha amach air seadh é: d'fhoillseóchadh sé go tapaidh ná fuil sprionnlaitheacht croidhe ag baint leis. Sin é neamh-thabhairt suas do tugadh air, sin é do bheith ina theallaire mar tá sé: neamh-oileamhaint: níor múineadh béasa ná léigheann do. Neamh-thabhairt amach ar an scéal do dhein sé: droich-mhíniughadh nó droch-aithris.

neamh-thabharthach: *a.* neamh-fhial, neamh-laimhthighiseach, neamh-bhronnta, neamh-ghéilleamhail, neamh-shínteach. Is tú is neamh-thabharthuighe ar fhód glas na talmhan, ní dóigh liom go scarfá le cianóig chun an ocrais do bhaint de dhuine: is neamh-fhéile. Carraig neamh-thabharthach í, hob ná héib níor bh'fhéidir do bhaint aiste: do-chorruighthe. Daradha neamh-thabharthach: ná sínfeadh pioc. Is fada go bhfeicfear bonn ar chroidhe a dheárnan lé síneadh, tá sé chómh neamh-thabharthach san: neamh-bhronntach.

neamh-thaca: *f.4.* neamh-theannta; neamh-chabhair; neamh-urradhas. Is tusa an neamh-thaca in am an riachtanais, níl neart ná preab ionat: an té ná fuil mórán cabhartha ann. Neamh-thaca i mbun tighe ná áite thu, níl eolas ort ach tá go leór leisce ort. Neamh-thaca siubhlóide seadh an bata cam so agam-sa: cabhair ar bith ní thabharfadh.

neamh-thacaidheacht: *b.3.* neamh-chabhair; neamh-theannadh (lé). Neamh-thacaidheacht mo mhuinntire féin budh bhun lé buadhachtaint orm sa toghadh: ceal a nguthanna do thabhairt dom. Ní bhfaghfá ach neamh-thacaidheacht uaidh sin sa bhannc, ar é bheith toilteanach féin: urradhas beag.

neamh-thafan(t): *f.3.* neamh-theannadh; neamh-spriogadh; neamh-chaitheamh. Tá a n-ainm anáirde lé neamh-thafant an bhídh, níor iarradar riamh ar neach greim do bheith aige: ní dheaghadar dian ag cur bídh ar neach a bheadh ghá diúltadh. Tá an neamh-thafant ar eólas aice: choidhche ní bheadh d'iarraidh bídh nó eile do chur ar dhuine.

neamh-thafanntach: *a.* gan teannadh, spreagadh, gríosadh. Ná bíodh eagla ort go gcuirfidh an rud suarach úd aon rud det aindeóin ort, is é is neamh-thafanntaighe in Éirinn: is lugha a raghadh dian faic do ghlacadh uaidh. Glacadh go neamh-thafanntach é: gan puinn teannta: níor caitheadh mórán cainnte gá bhrughadh (ar).

neamh-thagairt: *b.3.* (*-artha*) neamh-thrácht; neamh-áiteamh, neamh-labhairt; deiliús. B'ait liom an neamh-thagairt ar (dom) m'ainm-se is me i dteideal labhartha orm chómh maith lé duine: neamh-thrácht: gan smiog do rádh im thaobh. Má thairngir go deó mise chughat bí dearbhtha gan aon neamh-thagairt do dhéanamh dom nó is tinn duit: trácht

neamh-chuibhe: gan focal tromaidheachta ná masla. Ní raibh sé ceart agat neamh-thagairt do dhéanamh do: rud do rádh as an slighe leis.

neamh-thagarthach: *a.* deiliúsach. Ná tabhair cainnt neamh-thagarthach d'éinne gan chúis: deiliúsach: as an slighe. Is dána an t-éadan atá ort is bheith neamh-thagarthach léd uachtarán: neamh-mbéasach: mío-chuibheasach.

neamh-thaidhbhse: *f.4.* neamh-thoirt; neamh-dheallramh; neamh-mhórdháil. Ar an neamh-thaidhbhse a bhí ag an allait ní shaoilfeadh éinne go mbeadh leath chómh trom: méid bheag. Tugann an dath atá ar do chulaith neamh-thaidhbhse dhuit seachas aon dath eile: níl do dheallramh innte chómh mór. Mheallfadh a neamh-thaidhbhse thu, is láidre go mór é 'ná mar budh dhóigh leat: a luighead. Tar éis a bhfuil de ghníomharthaibh éachtacha déanta aige cuireann a neamh-thaidhbhse iongadh ar gach éinne: neamh-mhórdháil: neamh-éirghe anáirde. Tá neamh-thaidhbhse aige d'aindeóin a bhliadhan: an-bheag dréir a aoise.

neamh-thaidhbhseach: *a.* neamh-mhór; neamh-thoirteamhail; neamh-mhórtach; neamh-bhaoth; neamh-phéacach; neamh-bhóibéiseach. Maran neamh-thaidhbhseach do thugais chugham é (bronntanas, etc.) is a mhaoidhtighe a bhís as: beag, suarach. Taidhbhsigheann gach aon rud neamh-thaidhbhseach i bhfad ó bhaile: gan puinn toirte. D'fhear fhoghlumanta, árd, meastamhail sa tsaoghal is neamh-thaidhbhseach an duine é: neamh-mhórdhálach.

neamh-thairbhe: *f.4.* neamh-shochar; neamh-mbail; neamh-thoradh. A neamh-thairbhe go bhfaghair mar is cam atá sé fachta: nára feárrde thu é. Neamh-thairbhe dhom bheith d'iarraidh beatha do bhaint as an dtalamh neamh-thabharthach so: fastaoim: díomhaointeas. An neamh-thairbhe atá ann chun aon ruda do dhéanamh agus an fonn 'san fuadar a bhíos fé budh dhóigh leat gurbh é Oscar é: an neamh-mhaitheas. Ní bhfuair sé an t-oideas ceart ón ndochtúir is chuaidh sé chun a neamh-thairbhe: chun a neamh-mhaitheasa: is mó díoghbháil 'ná feabhas do rinne sé dho. Neamh-thairbhe an saoghail so má caillteár an t-anam: ní sochar ná bail ar bith don duine é. Neamh-thairbhe é sin chun buailte tá sé ró-éadtrom: rud gan áis ar bith. Ní bhainfir neamh-thairbhe as san is beidh rud éigin dá bharr agat: neamh-áis: an fheidhm cheart do bhaint as. An lá do chuireas mo chuid airgid sa tsiopa san is chun na neamh-thairbhe do chuireas é, chuadhas ar lár tríd: aon tsochar níor bhaineas as.

neamh-thairbhighe: *b.4.* neamh-mhaitheas; neamh-mbrigh; neamh-shochar; neamh-áiseamhlacht. Ná feictear duit a neamh-thairbhighe is tá sé dhuit bheith ag gabháil do rud ná fuil eólas agat air: neamh-maitheas. Chaitheas uaim í mar chéird lé n-a neamh-thairbhighe: ceárd ná beadh faic dá barr. Chonnacthas dúinn a neamh-thairbhighe dhúinn bheith ag troid is sinn ar easbhaidh fearais gur ghéilleamair: beart gan éifeacht. Do neamh-thairbhighe don dtigh, cad is dóigh leat?: neamh-áiseamhlacht.

neamh-thairbheach: *a.* neamh-shochrach; neamh-bhuntáisteamhail; neamh-áiseamhail; neamh-maitheasach. Obair neamh-thairbheach go maith seadh an bóthar céadna, ón lá críochnuigheadh é níor ghaibh duine ná ainmhidhe ann: gan sochar ná bail. Níor neamh-

thairbhighe dhuit bheith d'iarraidh na gcnoc do mhaolughadh 'ná bheith ag tabhairt céille do, tá sé chómh dúr daingean san: an toradh céadna a bheadh dá chionn agat: b'fhánach duit do bheart. Stéig neamh-thairbheach thalmhan dá n-íosfá t'ingne ná bainfeá aonnidh cóir as.

neamh-thairbhighim: *b. n-a.* ní dhéanfad sochar, éadáil, fagháltas ná inneamh; ní ghnóthóchad faic. Neamh-thairbheóchair dom fós, agus is maith is eól dom é, dá fheabhas atáim duit: tiocfaidh dochar dom tríot nó ní dhéanfair aon mhaitheas dom. B'fhearr dho gan aon bhaint do bheith aige leat, neamh-thairbheóchair air: aon mhaitheas ní dhéanfair do. I láthair Dé go neamh-thairbhighidh ort an nidh mí-cheart atá déanta agat orm: go dtagaidh sé i gcoinnibh t'anam go trom. Neamh-thairbhigheann gach aon rud guirt air, níl an goile ar foghnamh aige: téigheann sé chun a neamh-mhaitheasa: goilleann sé air.

neamh-thaisce: *f.4.* neamh-lón; neamh-choimeád; neamh-fholach. An neamh-thaisce budh bhun leis seo d'imtheacht ar bóiléagar is a dhul amudha nó a ghoid: an ceal críochnamhlachta. Neamh-thaisce dhom é d'fhágaint annsan fé bhrághaid éinne gur mhian leis é do thógaint: ceal a churtha ar coimeád. An neamh-thaisce atá ar do chuid leabhar, leaghfaid soir, siar: an tslighe neamh-thuiseach atáid fágtha agat.

neamh-thaisceamhail: *a.* neamh-chríochnamhail; neamh-bhailightheach; neamh-choimeádtach; bóiléagarach; neamh-bhaileach. Duine neamh-thaisceamhail nár chuir a chuid airgid riamh chun suime: neamh-chnuaisceamhail. Áit ní budh neamh-thaisceamhla 'ná sparán pollta ní fhéadfadh a chuid airgid do chur: neamh-choimeádtaighe. Ná bí chómh neamh-thaisceamhail is ná cuirfeá beagán éigin thart gach mí as an méid do thuillir: gan bheith chómh neamh-chnuaisceamhail. An neamh-thaisceamhail dhom gan faic do bheith agam: ceal aire agus gastachta rudaidhe chun lóin do dhéanamh díobh.

neamh-thaisceamhlacht: *b.3.* aiste, stáid bheith neamh-thaisceamhail; neamh-chríochnamhlacht; neamh-ghastacht; neamh-choimeádtacht. Cad n-a thaobh ná raghadh sé amudha is a neamh-thaisceamhlacht a bhí sé gan glas ná géibh air: gan a bheith curtha in áit gur dheacair a shroichstint. An neamh-thaisceamhlacht ina dhiaidh riamh, gan pingin ina spagadh aige dá mhéid do thuill sé: faillighe bailighthe is cnuaisciúin. An beartán ag tuiteam as a chéile lé neamh-thaisceamhlacht an fhearais a cuireadh air: neamh-ghastacht.

neamh-thaise: *f.4.* neamh-maoithneachas; neamh-thruagh; neamh-leagadh (lé); neamh-fhliche; neamh-úire; neamh-mhaoithe; neamh-laghaicheacht; neamh-chneastacht. Budh mhór an neamh-thaise a bhí i gcroidhe an té a lámhach é as mhoill an bháidhe: neamh-thruagh: neamh-mhaoithneachas: ceal truagha: ceal mothála. Is é a theasbáin an neamh-thaise dhom lé linn mo ghábhtair gan cáirde seachtmhaine do thabhairt dom: ceal léighe truagha. Neamh-thaise ná húire neamh-fhás na nglasraidhe: fliuchas (fliuchra) beag éadtrom: neamh-míre. Cur siar mór ar an gcuradóireacht neamh-thaise na haimsire: neamh-úire. Is agam do bheadh an neamh-thaise d'éinne, mar ná beadh a mhalairt tuillte aige, a chaithfeadh a chuid is d'fhágfadh é féin bocht: ní bheadh aon mhothóilt truagha agam do: neamh-mhaoithneachas. Neamh-thaise dhásachtach idir na saighdiúiridhibh ag

teascadh a chéile: gan cuimhneamh ar an dtinneas ná ar an ár do dhéinid ar a chéile. Cad eile ach neamh-thaise i gcroidhe éinne gan bheith istigh ó spéir na hoidhche do thabhairt don bhfánaidhe bóthair: neamh-bhraithstint.

neamh-thaithighe: *f.4.* neamh-chleachtadh; neamh-ghnáthas; neamh-ghnáthughadh; neamh-earraidheacht; neamh-eólas. Táim dulta i neamh-thaithighe scríobhnóireachta, mar is fada riamh go rugas im láimh ar pheann: i neamh-eólas. Is deacair do dhuine an neamh-thaithighe aon rud do dhéanamh ina cheart. Bíonn breóiteacht fharraige orm lé neamh-thaithighe na farraige: gan í bheith de ghnáth agam a bheith uirthi. Neamh-thaithighe siubhlóide anois agam ní fada do sheasóchainn ag coisidheacht: neamh-chleachtadh: easbhaidh siubhlóide. Nách éachtach an fear thu is dul i neamh-thaithighe ár dtighe, ná feicimíd in aon chor thu: ná gnáthuighir in ao'chor sinn. Neamh-thaithighe deagh-bhídh riamh ó rugadh me gheóbhainn leór lé haon rud: bheinn sásta lé haon tsaghas ó nár ghnáthuigheas an chuid is fearr de.

neamh-thaithightheach: *a.* neamh-chleachtuighthe; neamh-ghnáthuighthe; neamh-eólgaiseach trí choidreamh nó áis nó earraidheacht. Aon ghnóth ag duine neamh-thaithightheach tabhairt fé aonnidh go mbeadh eólas ag baint lé n-a dhéanamh: gan coidreamh leis an slighe é do dhéanamh. Neamh-thaithightheach na deagh-aimsire gan í do bheith ann ná ag teacht go minic.

neamh-thaithightheach: *a.* neamh-choidreamhach; neamh-chleachtuightheach. Ní dócha gur mór an mhaith chun rothaidheachta me anois táim neamh-thaithightheach air, leis na ciantaibh níor leathas mo dhá chois air: gan aon áis do bhaint as. Tagann an rud crosta ar dhuine go mbíonn sé neamh-thaithightheach air: ná gnáthuigheann a dhéanamh.

neamh-thaithneamh: *f.1.* neamh-chion; mío-ghnaoi; neamh-shásamh; neamh-ghrádh; neamh-áthas; neamh-bháidh; neamh-lonnradh. Ní raibh riamh ar an mbaile céadna go bhfuil a aghaidh ó thuaidh ach neamh-thaithneamh na gréine: neamh-lonnradh agus neamh-aoibhneas dá chionn san. Lé déidheannaighe do thug sé an oiread san neamh-thaithnimh dúinn agus don áit ná tagann sé in ár ngoire ná in ár ngaobhar: neamh-chion: neamh-ghean: neamh-bháidheamhlacht: fuath. Budh neamh-thaithneamh liom gach aon lá riamh é: neamh-shásamh aigne: mío-ghnaoi. Is neamh-thaithneamh leis gach éinne fear breágh, creideamhnach mar é do bheith ag ól: mío-shásamh aigne: ní maith leó é: tá an ghráin aca air. Neamh-thaithneamh na bhflaitheas go raibh ort, a chrochaire: grádh Dé ná raibh ort! An oiread san col aca leis san áit go bhfuil neamh-thaithneamh ag gach n-aon do: neamh-leagadh: neamh-léighe: neamh-chion. Dá mbeifí ghod ghlanadh is ghod scriosadh go deireadh an domhain ní imtheóchadh an neamh-thaithneamh dhíot, bheifeá chómh buidhe breac agus bhís riamh: ceal maiseamhlacht: neamh-ghile: neamh-bhreághthacht. Níor bhfada pósta iad gur thugadar neamh-thaithneamh dá chéile: tháinig col is neamh-chion eatartha. Ná bac an neamh-thaithneamh ameasc cómharsan, b'fhearr go mór an bháidheamhlacht: ceal ceana is réidhtigh.

neamh-thaithneamhach: *a.* mío-shásamhach; do-amhairc; neamh-ghnaoidheamhail; fuathmhar; neamh-aoibhinn; neamh-shiansamhail; neamh-shubháilceach; neamh-gheanamhail leis an súil, an chluas nó an teanga. Áit neamh-thaithneamhach ná mairfinn

ann ar a bhfeaca riamh agus is mór an focal san: nách aoibhinn sásta lém shúil. Biadh neamh-thaithneamhach lé féachaint air ach taithneamhach lé n-ithe: ná taidhbhsigheann go maith ná i gcóir leis an súil ach atá so-bhlasta, folláin. Is neamh-thaithneamhach an feighre bróg iad san, dá bhfagainn in aisce iad ní thógfainn iad: ná taidhsigheann deagh-dhéanta ná córach don súil. Léightheóireacht neamh-thaithneamhach atá sa leabhar so: ná cuirfeadh aoibhneas ort. Oidhche neamh-thaithneamhach do chaitheamair in ionad ceóil is rinnce is ragairne ní raibh againn ach cainnt: neamh-shásamhach: oidhche ná beadh éinne i ngean léi. Leabhar neamh-thaithneamhach gur chuma liom gan a léigheamh: neamh-iontsuime. Labhradar go neamh-thaithneamhach ort, ní raibh aon locht budh mheasa 'ná a chéile ná raibh aca ort: go dío-mholtach. Scéal agus cúrsa neamh-thaithneamhach atá aige tar éis na hoidhche, a thig a bheith maidhmthe ón aer: neamh-shuairc. Is neamh-thaithneamhach leis í mar mhnaoi: níl sí breágh a dhóthain nó ar shlighthibh eile ní háil leis í.

neamh-thaithneamhacht: *b.3.* neamh-aoibhneacht; neamh-mhiochaireacht; neamh-lághaiche; neamh-ghile; neamh-shoilbheacht; neamh-leagadh aigne. Neamh-thaithneamhacht na háite budh bhun lé gan me do bhualadh fúm ann, garbh, achrannach gan radharc ar mhuir ná ar shliabh: neamh-aoibhneacht: gan deallramh so-amhairc do bheith air. Ó d'éirigh an neamh-thaithneamhacht eatartha is ná féadfaidís réidhteach ná bheith síothchánta, dheineadar an rud ceart scaramhaint: neamh-chion is neamh-mhuinntearthas. Neamh-thaithneamhacht an lae, scamaill is gaoth: neamh-ghile. Neamh-thaithneamhacht a bhéas do chuirfeadh gráin ar éinne, é grod, ciotarúnta, sáruightheach: neamh-lághaiche: gan míne ná cineáltas ag baint leis. Cuir uait neamh-thaithneamhacht nuair bhír ag brath ar chabhair an fhir thall: an neamh-shubháilceacht: bí lághach, miochair módhamhail má tá cion ar do mhaith agat.

neamh-thaithneasc: *f.1.* neamh-thoirt; neamh-mhéid; neamh-thathnag; neamh-ghus. Nuair rugas im láimh fuaireas an neamh-thaithneasc ann agus d'aithnigheas láithreach ná raibh sé láidir a dhóthain ná fuilngtheach don ngnóth a bhí agam de: neamh-thathnag: achmhaoin: neart chun seasta an éigin do cuirfí air. Níor ghábhadh dhom ach féachaint air nuair thugas fé ndeara a neamh-thaithneasc is ná beadh oireamhnach: a luighead.

neamh-tháithte: *a.r.* neamh-dhlúithte; neamh-ghreamuighthe; neamh-chuibhrighthe; neamh-cheangailte; neamh-shuidhte. Is neamh-thaithneamhach an béal atá aige é féin 'sa chír neamh-tháithte fiacal: scartha ó chéile. Cos an chorcáin chómh neamh-tháithte i ndiaidh an tuinncéara gur thuit sí as: neamh-cheangailte: neamh-dhlúithte le luadh. B'iad an lánamha neamh-tháithte iad, ghaibh gach nduine aca a bhóthar féin tar éis mí i gcuing phósta: ná raibh cion mór aca ar chlaoidhe i bhfochair a chéile. Máillidhe an innill chómh neamh-tháithte sin go bhfuil glór bogtha aca: neamh-shuidhte: gan iad curtha ina gceart. Tuigidhe an chiseáin chómh neamh-tháithte is go gcuirfeá do mhéar eatartha: chómh scartha san ó chéile: gan iad fighte athchomair dá chéile.

neamh-thanaidhe: *a.* gan bheith caol, lom, neamh-sheirgthe; neamh-fhánach; neamh-éadtrom; neamh-ghéar; reamhar; fuilngtheach. Deoch neamh-thanaidhe bainne géar 'e bhreis ar uisce. Barra neamh-thanaidhe ar an snáthaid: neamh-chaol. Duine neamh-thanaidhe: neamh-lom. Fear neamh-thanaidhe gur cuma leis cad é an saghas síne a bhíos

aige: neamh-leice: fuilngtheach. Beithidhigh neamh-thanaidhe go maith iad tar éis an gheimhridh: neamh-sheirgthe: go bláthas maith feóla ortha. Nách neamh-thanaidhe an folt atá air is an t-aos atá aige, tá gruaig ina mothall air: neamh-fhánach: tiugh. Cláracha neamh-thanaidhe nár mhór in úrlár an ghráine: reamhar: taithigeach. Is deacair d'árthach bheag trollaireacht do dhéanamh in uisce neamh-thanaidhe: neamh-éadtrom: doimhin. Scian neamh-thanaidhe ná gearrfadh ím duit: béal reamhar uirthi. Talamh neamh-thanaidhe a thabharfadh toradh: uachtar trom, saidhbhir.

neamh-thánaiste: *a.* i ngiorracht, in aice. "An bhfuil T. chómh maith lé S.?" – "i neamh-thánaiste dho": níl in aon ghiorracht do.

neamh-thaobhach: *a.* neamh-chlaon; neamh-fhabhrach. Cabhair ná cóngamh níor thugas d'éinne aca bhíos neamh-thaobhach agus leigeas dóibh a gcuid achrainn do shocrughadh eatartha féin: neamh-chlaon: neamh-fhabhrach lé neach díobh.

neamh-thapadh: *f.1.* neamh-shiubhal; neamh-bhrigh; neamh-mhire; neamh-phrasacht; neamh-luathas. An neamh-thapadh nár thug duit é, dá dtabharfá fé gan siléig do bhí agat: neamh-phrasacht: neamh-luathas gnímh: neamh-phraitineamhlacht: gan gníomh do dhéanamh leis an amus. Neamh-thapadh an domhain a thagann ionam leis an mbrothal: tagann sámhán orm. Neamh-thapadh freagartha a chaill me, dá mbéicinn go rabhas ann bhí agam: moille. Neamh-thapadh na mbuillidhe b'é an locht is mó a bhí air, bhí sé abálta air é féin do chosaint go maith: neamh-anamamhlacht ag tarrac a bhuille. Ná fág faic fé go mbeidh deabhadh ná anamamhlacht ag baint leis, mar tá sé lán de neamh-thapadh: neamh-mire: gan bheith luath pras ar an uain cheart. Neamh-thapadh dhom nár phós í: faillighe: fuaireas an chao ach níor ghreamuigheas. Ní haon neamh-thapadh dhom gur báthadh orm é ach an mío-ádh mar bhíos air ar an dtoirt nuair chuala an glaodhach: siléig: manaois.

neamh-thapaidh: *a.* neamh-mhear; neamh-phras; mall; faillightheach; neamh-luath. Bhíos ró-neamh-thapaidh dho, thug sé fogha obann air rómham: ró-mhall: neamh-phras: neamh-phraitineamhail. Coisidhe neamh-thapaidh seadh me, ró-throm ró-aindeis: ní chuirim an bealach díom go héascaidh. Is cuma liom cad déarfí ag cur an lochta air gur b'é budh bhun leis an bhfeirg seo, tá sé neamh-thapaidh chun a leithéide: ní furaiste é do thógaint chun uilc: mall: do-thógtha. Fear foidhneach neamh-thapaidh: faidtheadhlach, a fhuilngeóchadh mórán sara dtiocfadh fearg air.

neamh-thapaigean: *f.1.* moille, righin; neamh-luas; neamh-mhire. Ní feárrde thu an neamh-thapaigean so, beidh gach éinne eile i bhfad rómhat is má tá aon rud ag imtheacht go bog, bóiléagarach is leó é: cnúbháil. An neamh-thapaigean chun gach aon ruda a bhíos idir lámhaibh aige, an duine donn déidheannach chun a bhearta do bheith déanta aige: gan bheith pras chun freagartha ar ghabháil na caoi. Neamh-thapaigean is neamh-thuigsint dóibh gan fios do chur ar an ndochtúir in am, go raibh sé ró-dhéidheannach: leadránacht is moille gan a mhór-thábhacht do thuigsint.

neamh-théagar: *f.1.* neamh-thoirt (cuim); neamh-ghustal; neamh-acfuinn. Is mór liom an neamh-théagar atá ann chun nirt do bheith ann: ceal lán-cholna. Beatha bhocht a bhíonn

agam maidir lé biadh dhe níl agam ach an neamh-théagar annso gan talamh gan obair: beag-mhaoin.

neamh-theangmháil: *b.3.* neamh-bhaint lé; baint nó bualadh (le) iarsmach. B'í an neamh-theangmháil duit, a dhuine bhoicht, a gcoidreamh do chur, d'airigheas gur lomadar thu: droch-bhualadh lé chéile. Fuair an lampa san neamh-theangmháil éigin is a rádh gur leagadh é ar a dhaingneacht a bhí sé: pé baint do deineadh leis bhí sé thar meón ar fad.

neamh-theangmhálach: *a.* neamh-bhuailte lé; gur deacair baint leis: ná fuil treasnálach, ná eadaránach. Faid bhíos ann dearbhuighim go rabhas neamh-theangmhálach lé héinne a bhí i láthair: nár chuireas cruisteach ar éinne lé briathar ná lé gníomh. Duine neamh-theangmhálach é sin: a thugas aire dá chúram féin, gan bac lé cúram éinne eile. Ainmhidhe neamh-theangmhálach é sin go gcuirtear air, annsan sé an diabhal ó ifreann é: neamh-eadaránach: ná cuirfeadh caduaic ort.

neamh-theallachas: *f.1.* neamh-chnuaisciún; neamh-thiargabháil; neamh-lón; áit lonnuighthe gan réamh-chrích. Beidh thiar ort i ndeireadh do shaoghail, mar nách é a fhuadar atá fút ach an neamh-theallachas, ní haon rud atá dhá chur thart agat: neamh-chnuaisciún: neamh-bhailightheacht. Milleántar a raon (maidhm) ar an bhFrainnc ar a neamh-theallachas: neamh-ullumhuightheacht. Lonnuigheadar annso sa tsean-aimsir, agus b'é an neamh-theallachas do dheineadar ann, tighthe beaga suaracha aca: bocht-áitreamh.

neamh-theann: *a.* neamh-láidir (gaoth, cainnt etc.); neamh-thairngthe go hiomlán; neamh-sheartha; gan bheith daingean, docht, dána; córach, téagartha, cruaidh, gan bheith go maith as. Do dharadha neamh-theann, a bhuachaill, ní bhrathfair an t-iasc ghod phriocadh: é leigthe bog. Gaoth neamh-theann atá ann, níl sí díoghbhálach: ná fuil dian ná docht. Is neamh-thinne an chainnt atá anois aige nuair tá sé ina aonar, níl sé chómh bladhgarthach: is neamh-mhaoidhthe, neamh-dháine í. Tá an tsreang neamh-theann, ní bhfaghair an ceól ceart aiste: bog: gan í bheith tairngthe an fhaid is rithfeadh sí. Dar lé mórán eólgaiseach (eagnaidhthe) gur cheart do chómhacht na Gearmáine do bheith neamh-theann um an dtaca so tar éis a bhfuil troidte aice: lag: gan bheith i ndán cath trom do thabhairt. Bí neamh-theann im choinnibh: neamh-dhian. Bí neamh-theann liom, is déinimis margadh ar ádhbhar fé bhun an méid sin: neamh-dhocht: neamh-dhian: neamh-dhaingean. Caithfear a thuilleadh gaoithe do chur sa lamhnán tá sé neamh-theann fós: tabharthach lé teangmháil leis. Táir neamh-theann seachas mar bhís, thaidhbhsigh a dhá oiread ionat cheana dhom: gan tú bheith chómh toirteamhail, téagartha. Tá sé neamh-theann as a theangain, mar tá sé neamh-theann as a phóca .i. níl mórán cainnte aige, mar níl mórán ina spagadh. Is neamh-theann liom an chosaint atá aca dhá dhéanamh ar an gcathair: neamh-dhaingean: neamh-chródha.

neamh-theannta: *f.4.* neamh-chóngamh; neamh-chabhair; neamh-thaca; neamh-urradhas. An maide lúbthach so is é an neamh-theannta é do bhaicighín mar mise: neamh-thaca: is beag an chabhair shiubhalta é. Neamh-theannta a bhí gem chois is ní fhéadfainn feidhm do bhaint as mo neart ar fad: ní raibh greim daingean agam léi. Neamh-theannta i

dtigh seadh ceann tighe breóidhte: duine gan aon chóngamh. Neamh-theannta dhom-sa a fhocal san do thógaint go n-íocfaidh sé mara n-íocair-se, cá bhfuil mo ghreim air?: neamh-urradhas: níl aon rud aige a chúiteóchadh mo dhochar.

neamh-thearc: *a.* flúirseach; neamh-ghann; síbhialta, miochair. Beidh gach aon rud go neamh-thearc fós ach foidhne bheith againn: flúirseach. Is neamh-thearc duine is fearr ná é an sprionnlóir: ní deacair é d'fhaghail. Ní fuláir liom nó tá airgead go neamh-thearc aige ar an gcuma rabairnigh do bhíonn sé ghá chaitheamh ar ólachán: neamh-ghann. Caithfir a admháil gur thug sé cainnt neamh-thearc duit, cé gur giorraisc a bhí tuillte agat: síbhialta: cneasta: miochair: modhamhail.

neamh-theasbhach: (**neamh-theaspach**) *f.1.* neamh-bheódhamhlacht; neamh-fhóis; neamh-dhíoghrais. Is iad daoine an neamh-theasbhaigh iad tar éis gabháil trí anacra an chogaidh: gan scléip, éirghe croidhe, fonn siamsa ná aoibhneasa ortha. Is agam atá bolg an neamh-theasbhaigh mar is fada agus is fuar ó cuireadh aon rud cóir ann: an bolg ná fuil ar a shástacht: ar a chúinne. Neamh-theasbhach is gnáthach leis do bheith air ón saoghal is ón gcruaidh-obair: claoidhteacht is bochtanacht.

neamh-theasbhamhail: (**neamh-theaspamhail**) *a.* neamh-bheódha; neamh-anamamhail; neamh-shaidhbhir; neamh-chothuighthe; smachtuighthe; neamh-scléipeach. Capall neamh-theasbhamhail tar éis lae cruaidh oibre é, is furaiste breith ar thóin air: gan fiadhantas ná neamh-shochmacht ná go bhfuil bainte ag an nduadh as. Tá an lá beartha neamh-theasbhamhail go maith ort, tá mórchuid déanta agat: níl aon áthas ort dá éis: bheir do dhóthain duaidh ort. Feirmeoiridhe neamh-theasbhamhla atá thart tímcheall annso gan aca ach gabháltais bheaga: neamh-ghustalacha: níl puinn tóirtéise ná éirghe anáirde fútha. B'é budh neamh-theasbhamhla dhíobh go léir, ní feacthas riamh ghá chur féin i súilibh an phobail lé fuadar nár ghábhadh: budh mhíne is budh chneasta. Beidh gach éinne go neamh-theasbhamhail fé thé anois go bhfuil sé curtha ar an mír: ní bheid chómh caithteach air is bhídís.

neamh-theasbhamhlacht: (**neamh-theaspamhlacht**) *b.3.* neamh-scléipeacht; neamh-fhóis; neamh-smachtacht. Is air atá an neamh-theasbhamhlacht, an t-aindeiseóir is ní hiongadh é, is air atá broid an tsaoghail: neamh-scléipeacht: is é ná fuil ag imtheacht lé haer an tsaoghail. Cruaidh-obair is gann-bhiadh na nidhthe chun na neamh-theasbhamhlachta do chur ar an rud ainshrianta san: a mhíneóchadh é: a chlaoidhfeadh an spirid ann. Tá neamh-theasbhamhlacht orm ná raghad ag caitheamh na hoidhche lé ragairne: neamh-bheódhacht. B'fhollus ar an neamh-theasbhamhlacht atá ortha lé fada – d'imthigh an réim, na gluaisteáin, na rinncidhe, cóisiridhe – go rabhadar dulta chun deiridh sa tsaoghal: easbhaidh iomchair ainspiantachta.

neamh-theascadh: *f.* (*-sctha*) neamh-ghearradh; neamh-chiorrbhadh. Neamh-theascadh saoghail ort, mo ghuidhe dhuit: nár chiorruighidh Dia é: nár bheiridh an bás geairid ort. Neamh-theascadh ar do chuid: nár éirighidh milleadh dhi.

neamh-theastas: *f.1.* ₇ *3.* nèamh-chúnntas clúidh, cáile, fiadhnaise; neamh-dheimhniughadh. Níor choigil sé pioc ded chlú ach ag tabhairt neamh-theastais di ar an

uile chuma: droch-chúnntas: ag masladh do cháile. Bhí sí ar tí é do phósadh nuair chualaidh sí a neamh-theastas is staon sí: droch-thuairisc ar a chlú. Ní teastas ná neamh-theastas orm a bhéal san: ní moladh ná dío-mholadh orm é. Ar an neamh-theastas do thug sé ar an áit ní bheadh fonn mór mo shaoghal do chaitheamh ann: droch-thuairisc.

neamh-theidealach: *a.* neamh-ughdarásach; maol; neamh-dheiliúsach; neamh-mhórdhálach; gan cóir ná ceart do bheith ag duine chun ruda. Tá sé chómh neamh-theidealach sa tigh sin is taoi-se nó mise, ar an mnaoi atá an bríste: neamh-ughdarásach: maol: ní mór go leigfeadh eagla dho "hafsan" do rádh. Cá raibh mo dhul ar é d'fhagháil nuair bhíos chomh neamh-theidealach air leat-sa ná raibh baint ná cuid agat de: gan buannacht ar bith air. Pé áit go mbeadh sé ní mór go mbrathfá ann é, duine neamh-theidealach gan puinn cainnte: maol: cúthail: neamh-dheiliúsach. Táim neamh-theidealach ar aon phioc den oidhreacht, níor hainmigheadh in ao'chor san udhacht me: gan buannacht.

neamh-théidheamh: *f.1.* (*-dhte*) gan an téidheamh ceart nó riachtanach; neamh-theas; neamh-mhuinntearthas. Neamh-théidheamh ar an uisce chun me féin do bhearradh dá fhaid ar an dteine dho: gan puinn athruighthe ó fhuacht go teas. An neamh-theidealach a chuaidh ar mo chorp tar éis ar cuireadh de rudaidhibh teó liom, ní imtheóchadh na creathaidhe fuachta dhíom: ceal teasa. Neamh-théidheamh imeartha a deineadh ortha ní rabhthas láidir go leór dóibh: imirt ná raibh dian.

neamh-théidhte: *a.r.* gan teas do bheith curtha (in). Uisce neamh-théidhte: ná raibh thar a bheith bog nó nar cuireadh teas leis. Bhíomair tar éis an ráis chómh neamh-théidhte is ná raibh braon alluis orainn: níor suathadh an fhuil chun teasa chómh mór san.

neamh-theódhacht: *b.3.* gan teas mór. Dá neamh-theódhacht a bhíos an t-uisce seadh is ionfhuilngthe é nidh nách iongadh: dá luighead teasa ann. Lé neamh-theódhacht an tsamhraidh seo ní cuimhin lá go bhféadfá síneadh ar an dtalamh gan eagla fuachta: ceal teasa.

neamh-theólaidhe: *a.* neamh-sheascair; neamh-chompórdach; neamh-aireach ar dhuine féin. Tighthe neamh-theólaidhe iad san atá déanta lé blocaibh barrachta, bíonn fuaraidheacht an domhain uile ionta: neamh-sheascair: neamh-shuaimhneasach don gcorp: neamh-shubháilceach. Bíonn sé ró-neamh-theólaidhe air féin ar fad, tugann sé droch-shádhanna dho féin ar bheagán éadaigh in aimsir olc: neamh-cheanamhail, neamh-aireach ar a shláinte.

neamh-theólaidheacht: *b.3.* neamh-sheascaireacht; neamh-chompórd; neamh-aire ar an sláinte. Budh mhór leis an neamh-theólaidheacht a bhí síos fén gcistin aige do dhruid sé leis an dteine: neamh-sheascaireacht: neamh-shubháilceas cuirp. Duine go bhfuil neamh-theólaidheacht ag baint leis é: budh chuma leis cá gcuirfeá é i gcóir na hoidhche ná cad é an saghas seómra do thabharfaí dho: gan dúil mhór i gcompórd aige. Tabhair aon rud lé n-ithe, aon obair lé déanamh, aon tsaghas áite chun luighte ann, agus lé n-a neamh-theólaidheacht is cuma leis: neamh-mhothálach ar a shláinte.

neamh-thiargáil: (**neamh-thiargabháil**) *b.3.* neamh-ullamhughadh; neamh-chóiriughadh. Tá leath-scéal maith ag Sasana ná fuil sí ag buadhachtaint an chogaidh, a neamh-thiargáil: gan lón is armáil do bheith réidh aice. Ar an neamh-thiargáil atá déanta agaibh i gcóir an bhóthair ar an uain seo is an turus fada atá rómhaibh beidh sibh déidheannach: a luighead cóirighthe is corruighthe atá. Is minic, tar éis an fhuadair go léir, gurb é fear na neamh-thiargála an té is mó ádh is gur aige a bhíos an ailp: ná cuireann puinn duaidh air féin.

neamh-thiugh: *a.* fánach, neamh-reamhar, neamh-fhuinnte. A fiacla, is budh mhór an truagh é, neamh-thiugh ar a chéile: scartha. D'fhás na gais go neamh-thiugh tá eaga mhór eatartha: go fánach: scartha. Is neamh-thiugh liom an déanamh atá ar an gcapall san chun é do bheith fuinneamhail: neamh-fhuinnte: neamh-thochraiste. Budh neamh-thiugh leis a bhí sé ag déanamh airgid is chrom sé ar chur geall as capaillibh lé súil saidhbhreasa ach chuaidh ar lár: mall: neamh-thapaidh. Is oth liom é ach is neamh-thiugha do scríobhaim 'ná éinne ar m'eolas: neamh-thapamhla: neamh-phraitineamhla. Toisc an t-iasc bheith ag breith chómh neamh-thiugh d'éirigheamair as, ní bheadh bleaist (oiread is d'íosfá d'aon iarracht) go ceann lae againn: mall: fánach: i bhfad ó chéile. Riamh ní rabhas im bheatha saoghalta chómh neamh-thiugh fé airgead, níl cianóg agam: lom: bocht.

neamh-thiugh(as): *f.1.* ⁊ *4.* neamh-reimhre; neamh-ghairbheacht; neamh-dhlúthacht; neamh-fhuinnteacht; neamh-thochraiseacht; neamh-mhinicigheacht; neamh-dhóthain; neamh-raidhseamhalacht. Ar a neamh-thiughas a bhí piléir ag teacht orainn taidhbhsigheadh dom ná raibh puinn dár namhaid beó: a fhánaighe. D'aithnigheas lom, láithreach é ar neamh-thiughas a shiubhail: a mhoille do thógadh sé gach céim. Ar a neamh-thiughas atá an síol san ag teacht beidh an áit ar neamh-thoradh: a mhoille agus a fhánaighe. Neamh-thiughas an éisc budh bhun lé neamh-choimeád na mbád: gainne: fánaighe. Ní thaithnigheann sé lé mnaoi ár dtighe-ne a neamh-thiughas a thagann bean bhur dtighe-se ar ár dtuairisc, budh mhaith léi í do theacht mion minic: a neamh-mhinicighe. Ar a neamh-thiughas atá biadh ag teacht thar lear má leanann de beidh gannchar ann: neamh-líonmhaireacht.

neamh-thláith: *a.* neamh-mhín; neamh-fhéicheamhanta; neamh-éascaidh; neamh-mhaoth; neamh-mhiochair; neamh-chneasta; neamh-lághach; neamh-éifeachtach; neamh-láidir; neamh-mheathta. Bír neamh-thláith leis na daoinibh i nganfhios duit féin, sin é fáth ná bíonn a mbualadh ort: neamh-mhín: neamh-chneasta agus sin é fáth ná bíd ag teacht níos iomadamhla. Ní buillidhe laga ach buillidhe neamh-thláithe atá aige siúd, baineann sé fuaim amach leo: láidre, acfuinneacha. Lán do bhaise ní dhéanfadh sé ar éinne an aimsir seo, tá sé chómh neamh-thláith san: neamh-éascaidh: neamh-mhiochair: righin: do-ghluaiste. Dá mb'áil leat bheith ag faire air i gcródh na himeartha sé siúd atá go neamh-thláith, d'ionnsóchadh sé lán páirce: neamh-mheathta: neamh-fhaitchíosach: dána, meisneamhail. Táid an-neamh-thláith lé chéile fé láthair, déarfainn, gabhaid thar a chéile gan labhairt: tuitighthe amach lé chéile. Mianach ait atá ionat, tamall tláith agus tamall neamh-thláith: miochair, cómhluadar doichilleach, daibhceach.

neamh-thláithe: *b.4.* neamh-mbuige, neamh-chneastacht; neamh-chaoineacht; neamh-éascaidheacht; neamh-mhairbheacht. Saighdiúiridhe na neamh-thláithe i gcath is iad i

gceart, ní stríocaid dá namhaid ná ní staonaid di go mbíonn an lá caillte nó buaidhte ag taobh éigin: gan meathtacht ná taise. Do neamh-thláithe liom gur mhaith liom do mhíniughadh dhom, mar chómh fada is tá fios agam le haon chúis agat do bheith goirgeach liom: neamh-chneastacht. A neamh-thláithe chun aonnidh do dhéanamh ná éisteacht lé teagasc ina thaobh fáth go scartar leis ina lia áit: neamh-fhonn: neamh-éascaidheacht: neamh-cheannsacht do chomhairle.

neamh-thláithínteacht: *b.3.* neamh-mheallaireacht; neamh-lághaicheacht; neamh-cheannsacht; neamh-bhladaireacht; neamh-lútálacht. Ar an neamh-thláithínteacht a fuair an leanbh uait ní raghaidh id ghoire go deo airís: neamh-pheataireacht: neamh-lághaiche. Dá mhnaoi is é a thug a neamh-thláithínteacht, sceamh is buille aige uirthi: neamh-cheannsacht. Sítheach grádhach lé chéile ar dtúis, ach budh ghearr go ndeaghadar chun neamh-thláithínteachta lé chéile is gur fhóbair gur bhuillidhe budh dheireadh dho: chun díbhfeirge is ceanndáine.

neamh-thnáithte: *f. a.r.* neamh-chnaoidhte; neamh-thugtha; neamh-thuirsighthe; neamh-chlaoidhte. Chómh neamh-thnáithte is bhíos ar maidin, obair an lae níor chuir mairg ar bith orm. Cúrsa neamh-thnáithte ráis seadh é, fód maith is uachtar mín air: ná cuirfeadh mórán duaidh ar chapaillibh. Budh dheacair fear budh bhuaine d'fhagháil 'ná é, bheadh chómh neamh-thnáithte i ndeireadh na seachtmhaine agus bheadh ina thosach: neamh-thraochta.

neamh-thnúthach: *a.* neamh-dhúlmhar; neamh-choinne lé rud; neamh-fhormadach; neamh-éadmhar. Mara mbíonn rud aige féin tá aon bheith amháin air go bhfuil sé neamh-thnúthach ní fheicfeá choidhche ag brath ar éinne é: ní bheadh sé ghá bhrughadh féin ar dhuine, ná ghá chur féin i dtreó go bhfaigheadh rud. Tá sí chómh neamh-thnúthach leis agus b'fhéidir: níl a luighead fonn uirthi ná súil aice é do bheith mar leanán nó chéile aice. Is é díol na neamh-thnútha é, sreangscéal ar bhás a mhic i Mearaice fachta anois díreach aige: ní bheadh formad ag neach leis.

neamh-thógáil: *b.3.* cotháilt neamh-cheart; múineadh neamh-iomlán; neamh-árdughadh (árdach); neamh-éileamh; neamh-dhéantus de chloich, d'adhmad, etc., ina thigh, etc. Is é a fuair an neamh-thógáil as a óige, budh bheag agus budh dhona é a chuid bídh: neamh-chotháilt: cothughadh a bhí i bhfad ó cheart. Ar na droich-bhéasaibh agus an táthaireacht atá aige tugadh neamh-thógáil air: múineadh ná raibh ar fheabhas. Is tu a deineadh do neamh-thógáil: nár tugadh suas mar budh cheart. Neamh-thógáil mhór ar stoc ó tháinig an galar béil is crúb 'on dúthaigh, ní mór go bhfiafrófaí dhíot ar aonach iad: neamh-éileamh: gan fonn a gceannuighthe. Neamh-thógáil aigne dhom an droich-scéala atá agat, cuireann sé duairceas orm: neamh-mheidhréis. Neamh-thógáil bróin dom aon rud a déanfaí dhom táim chómh claoidhte sin ag an saoghal. Níor sheasaimh an tigh ach beagán bliadhan nuair thuit sé i ngabhal a chéile leis an neamh-thógáil atá air: an droich-shlighe a bhí sé curtha os chionn a chéile. Cad a dheinis ar an ualach, níor árduighis chómh glan ón dtalamh agus dhein seisean: árdughadh nách maith. B'fholláin duit an neamh-thógáil a dhein sé ar an aithis: a dheacracht é do chorruighe chun míchéadfaidh. B'fholláin do an neamh-thógáil aicíde a bhí ann is an áit mhío-fholláin ina raibh sé: neamh-chlaonadh lé.

neamh-thógálach: *a.* neamh-mhothálach; neamh-ghabhálach; neamh-bheartha (ar); neamh-árduightheach. Labharfá íogair go maith leis sara gcuirfeá caduaic ná fearg air, duine neamh-thógálach é: ná fuil claon lé n-a ghortughadh ina aigne: neamh-mhothálach: neamh-mhothuightheach. Iasc neamh-thógálach indiu, níl aon cheann ag breith. Clocha neamh-thógálacha i bhfalla iad: níl aon árdughadh ionta toisc a luighead. Talamh neamh-thógálach é: níl cothughadh mór ann. Beithidhigh leóchaileacha - iad neamh-thógálach: deacair do chotháilt.

neamh-thoil: *b.3.* neamh-mhian; neamh-aigne. Táim ghá dhéanamh, ach cuimhnighidh gur lem neamh-thoil é is gur dem aindeóin é: ná fuil mo mhian leis. Lé n-a thoil is lé n-a neamh-thoil a dhein sé é: budh chuma leis céaca.

neamh-thoilteanach: *a.* gan mian, aigne ná éirim do bheith (lé). Capall neamh-thoilteanach caithfear a cheann do leigeant leis: ná fuil fonn air oibriughadh. Árd-leisceamhail ar fad, an-neamh-thoilteanach ar aon rud do dhéanamh: gan fonn ná éileamh aige air.

neamh-thoileamhail: *a.* in aghaidh na tola, neamh-éascaidh, gan a aigne lé. Ghluaisinn go minic ar scoil go fuar, leisceamhail, neamh-thoileamhail: im aigne ar fad ina choinnibh. Fear neamh-thoileamhail é, ní dhéineann aon rud ach mar mheabhruigheann a bhean do: neamh-cheanndáine. Creid me leis gur go neamh-thoileamhail do bhuaileas thu, gan aon choinne agam leis: ná raibh machtnuighthe agam san do dhéanamh.

neamh-thoilidheacht: *b.3.* neamh-aontas, neamh-cheadaidheacht; neamh-ghéilleadh. Deineadh iachall do chur orm d'aindeóin mo neamh-thoilidheacht: gan aontacht mo thola. Lém neamh-thoilidheacht-se, cuimhnigh, atáir ghá dhéanamh san, táim an-mhór ina choinnibh: neamh-cheadaidheacht uaim. Thug sé a neamh-thoilidheacht lé n-a dhéanamh, mar nár thaithnigh sé leis: níor aontuigh leis. Gan amhras dem aindeóin dob eadh é, an lá bhí mo neamh-thoilidheacht leis: nár thaithneamh aigne liom é do dhéanamh.

neamh-thoirteamhail: *a.* neamh-mhór; neamh-théagartha; neamh-mhéadamhail. Is neamh-thoirteamhail liom é chun céad ubh do dhul ann: ní thaidhbhsigheann mór a dhóthain. Ní raibh aon fhás fé, d'fhan sé neamh-thoirteamhail i gcómhnaidhe: beag: fé bhun na gnáth-mhéide. Cruinniughadh (aonach, sochraid, bainis, etc.) neamh-thoirteamhail a bhí ann: gan iomadamhlacht daoine.

neamh-thoirteamhlacht: *b.3.* neamh-mhéid; neamh-théagar. Do neamh-thoirteamhlacht a tháinig leat gan tu do thógaint sa Ghárdaidhe: gan tu do bheith mór taithigeach do dhóthain. Chuirfeadh neamh-thoirteamhlacht na bollóige go dtabharfá réal uirthi ag gáiridhe duine: a luighead. Níor thaithnigh neamh-thoirteamhlacht an chruinnighthe leis, ní raibh thar chéad duine ag éisteacht leis: an neamh-iomadamhlacht daoine a bhí ann.

neamh-thor: *f.1.* neamh-fhreagra; neamh-shuim; neamh-spéis; freagra deiliúsach. Ná tabhair neamh-thor ar éinne choidhche: ná freagair go mí-bhéasach ná go giorraisc é. Labhras leis ach níor thug orm ach an neamh-thor: níor fhreagair sé in ao'chor. Sean-

fhocal é – níl aon rud chómh holc lé neamh-thor: tost ar cheist nó ar chainnt. Scrígh chúcha is cuirfead-sa geall leat ná faghair ach neamh-thor: neamh-spéis: tost: tocht. "B'fhéidir go dtabharfainn-se neamh-thor duit", deir duine nuair ná tugtar freagra air. "Seachain tú féin orm" – "mise fear an neamh-thuir ort, gur cuma liom cad bhagrair ná deirir": ná cuireann spéis in aon nidh leat. Ní ceart do leanbhaidhibh neamh-thor do thabhairt ar a muinntir: gan éisteacht leó agus déanamh dá ndréir (réir).

neamh-thoradh: *f.* (*-rtha*) barra nách maith; neamh-mheasraidh; neamh-shochar; neamh-chnuasach. Sin é féin an neamh-thoradh do thugann an stéig (thalmhan) fhliuch san: an sochar fáis: an méid a bhíos de bhárr saothair na curadóireachta. B'é an neamh-thoradh dhom bheith ag obair go dícheallach i mball neamh-thortha: in áit neamh-thabhartha. Mar is gnáthach lé furmhór an tsaoghail, tá neamh-thoradh a ghníomhartha aige: neamh-shochar.

neamh-thoramhail: (**neatharamhail**) *a.* neamh-éilimh; gan trácht ná glaodhach ar; neamh-fhreagrach. Fós riamh ó tugadh aonach air ní raibh ba bainne chómh neamh-thoramhail is bhíodar indiu: gan tor ná meas ná féachaint siar ag ceannuightheóir ortha: ar a luighead tráchta: gan aon éileamh ortha. Is mise an fear atá go neamh-thoramhail air sin dá mbeadh a fhios i gceart aige: gan beann: gan aon spéis ann ná in aonnidh a deir sé. Fás neamh-thoramhail seadh é, is annamh a fiafruightear é: gan aon trácht air.

neamh-thoramhlacht: *b.3.* neamh-éileamh; neamh-spéis; neamh-shuim; neamh-ghlaodhach; neamh-thrácht; neamh-fhreagarthacht. Lé neamh-thoramhlacht mo chlainne orm ní dhéanfaidís lán mo bhaise orm: neamh-shuim ionam: easumhlaidheacht. An neamh-thoramhlacht ós na ceannaibh dá mbeifeá ag scríobh in aghaidh an lae chúcha is ag gearán do cháis do gheóbhadh tríot gan oiread is focal freagartha do chur chughat: gan suim ná spéis, nath ná ceann do thógaint díot. Bhíodar ghá bhúrdáil ar a dtoil is ghá phionósughadh go scéidhfeadh sé, nár mhór an neamh-thoramhlacht ortha aige í nár oscail sé a bhéal: diúltadh.

neamh-thormas: *f.1.* neamh-chnáimhseán; neamh-lochtughadh; neamh-ghiobadh; neamh-stoid. Mhuise, mo ghradhain chroidhe thu, a fhir an neamh-thormais, fé thuairm do shláinte is ná rabhair choidhche dealbh: a fhir gan chnáimhseán. Níl aon neamh-thormas orm-sa ghá thógaint uait, geairid Dia liom agam é: níl locht ná col agam leis. Nuair loirgeas a iasacht air thug dom é fé neamh-thormas: gan cnáimhseán gan cheisneamh. Riamh ní fheaca é ar roinnt, ar riar nó dá mbeadh rud aige ach an neamh-thormas chun a thabhartha uaidh: neamh-stailc. Is é tigh an neamh-thormais é .i. mar a bhfuil fáilte agus cóir roim gach éinne, coimhtheach agus muinnteartha: nách ceisneamh leo déanamh galánta.

neamh-thormasach: *a.* neamh-chnáimhseánach; neamh-chlamhsánach; neamh-smuilceach; neamh-fhormadach; féicheamhanta (biadh). Bí neamh-thormasach anois mar bheadh buachaill maith, subháilceach, tá cion duine fachta agat: ná bí cnáimhseánach. Is é an fear neamh-thormasach é i dtaobh bídh: go mbeadh fáilte aige roimis an saoghal mór chun a bhúird. B'é a bhí go neamh-thormasach sinn do dhul ina bhád gan a chead: col ar bith ní raibh aige linn ach a mhalairt, fáilte romhainn.

neamh-thrácht: *b.3.* neamh-thagairt (do); neamh-thaisteal; neamh-thriall; neamh-éileamh; neamh-chonbharsáid. Budh mhór lé rádh é tamall, bhíodh a ainm i mbéal gach éinne, anois níl air ach neamh-thrácht: beag-thagairt do. Cé ná raibh an tigh sin tamall, nuair bhíodh bualadh na tuaithe go léir air ag ceannach, níl anois aige ach neamh-thrácht: beagán ag tógaint earraidhe ann. Níor chuala riamh ach neamh-thrácht air, níl aon eólas agam air: fíor-bheagán tuairisce. Bíonn neamh-thrácht long ar an nDaingean anois: is beag turus (cuaird) do thugaid ann.

neamh-thrághadh: *f.* (*-áighte*) neamh-dhiúgadh; neamh-ísliughadh taoide; neamh-fhollamhughadh (gaoithe, uisce, etc.); neamh-scaoileadh; neamh-lagughadh; neamh-dhísciughadh. Dá mbeadh sé ag caitheamh choidhche bheadh neamh-thrághadh ar a phóca lé n-a tinneadh: neamh-fhollamhughadh. Tá an neamh-thrághadh ar an soitheach dá mhéid tairngthe, diúgtha as: neamh-dhísciughadh. Choidhche go lá dheireadh an domhain, is ina dhiaidh, beidh neamh-thrághadh ar ghrástaibh Dé: ní raghadh dísciughadh ortha. An bháisteach fhuar is an neamh-thrághadh atá uirthi: gan luigheadughadh. B'fhada lé duine an neamh-thrághadh a bheadh ag dul ar an dtaoide nuair bheifeá ar fionnraighe: a mhoille a bheadh sí ag ísliughadh. Nách éachtach an neamh-thrághadh atá ar an gcnapán san fós d'aindeóin ar cuireadh de chéiridheannaibh tairngthe leis: luigheadughadh ait. Dearc amach, féach an neamh-thrághadh atá ar an saoghal: gan aon dísciughadh ar an ndílinn bháistighe. Neamh-thrághadh a nirt d'aindeóin an iomard chuirp a bhí air a chuir an t-iongadh ar na dochtúiridhibh: neamh-dhul ar gcúl. Neamh-thrághadh ar an lamhnán: é lán-teann.

neamh-thráighte: *a.r.* neamh-dhiúgtha; neamh-dhíscighthe; neamh-fhollamhuighthe; cuthaigh, tréan. Tá sé neamh-thráighte fós: níl puinn íslighthe ar an dtaoide. Soitheach neamh-thráighte é seo, a fheara, ná coiglidh do: neamh-dhiúgtha: neamh-ólta. Tar éis na triomachta is an teasa go léir, tá an tobar neamh-thráighte fós: níl luigheadughadh nó dísciughadh ar fad ar a chuid uisce. Neart thar na beartaibh san bhfear san, is dá mhéid a stros tá sé neamh-thráighte fós: gan pioc luigheaduighthe dulta air. Tá an saoghal neamh-thráighte: an bháisteach throm gan aon staonadh uirthi. Ná bíodh aon fhaitchíos sráide oraibh, a bhuachaillidhe, tá pócaidhe neamh-thráighte ag an scraiste seo fós: níl deireadh caithte fós.

neamh-thrangláil: *b.3.* neamh-achrann; neamh-chur trí chéile; neamh-chalán; neamh-thoirmeasc. Má bhímíd in am sara mbailighidh an brughadh daoine seadh is mó an neamh-thrangláil a bhéas againn ár suidheacháin d'fhagháil: neamh-bhuaidhreamh: neamh-challóid. Na rudaidhe troma so do chur ar an dtraen neamh-thrangláil seadh é in ionad iad d'iomchar sa ghluaisteán: neamh-bhuaidhreamh: neamh-dhuadh (ceal an duaidh a leanas scata rud do choimeád i bhfochair a chéile). Neamh-thrangláil in aon áit seadh é gan baint ná eadarán aige ar neach: ní duadh d'éinne. Ar theacht leis an lá gheóbhair neamh-thrangláil seachas teacht leis an oidhche: neamh-dhuadh: tiocfaidh gach rud níos réidhe ort.

neamh-thranglálta: *a.* neamh-achrannach; neamh-challóideach; neamh-mhuirearuighthe: réidh: mín. Tigh neamh-thranglálta é, níl éinne clainne ann, níl bó ná

gamhain mar chúram ann, áit sheascair do chailín aimsire: neamh-challóideach: saor ó dhul trí chéile. Is fada go bhfeaca chómh neamh-thranglálta thu, b'annamh leat ná go mbeadh maingisínidhe an domhain uile id bhóthar leat: neamh-ualuighthe lé etc. Budh neamh-thranglálta leis a bhí an tigh agus chrom sé ar bhruighin do thógaint: lé cion ar an achrann: ciúin: neamh-shuaidhte. Duine neamh-thranglálta seadh é, agus tagann an saoghal suaimhneasach go maith air: níl puinn rud ag déanamh mearbhaill do. Sid í an tsráid is neamh-thranglálta dhúinn gabháil tríd, mar is ann is lugha atá tarrac tríd: neamh-dhuaibhseamhla: is lugha go mbeidh orainn bualadh lé cosc nó achrann. Seadh, beidh slighe againn duit, tá an gluaisteán neamh-thranglálta: níl aonnidh innte a bheadh sa bhealach ort. Chaitheamair an lá go neamh-thranglálta: gan aon rud do chur isteach orainn.

neamh-thranglam: *f.1.* neamh-shuathadh; neamh-dhuabhais; neamh-achrann; neamh-dheacracht. Bí suaimhneasach, agus bíodh t'aigne ar an neamh-thranglam, cad tá buaidhte lé bruighin?: neamh-achrann: macántacht. Neamh-thranglam in aon chuideachtain é, is fada go ndéarfaidh ná go ndéanfaidh faic a ghriogfadh éinne: neamh-shuathadh: ciúnas is socracht. Chun neamh-thranglaim do bheith eatartha do labhras nuair chonnac an droch-fhuadar fén lá: síothcháin is suaimhneas. Neamh-thranglam liom-sa, a mhic ó, aon rud do dhéanamh duit a bheadh ar mo chumas: neamh-bhuaidhreamh rud gur sonaoideach liom é do dhéanamh. Is mór an nidh an neamh-thranglam sa dúthaigh ach go háirighthe pé gainne ná daoire atá ar an mbeatha: an suaimhenas: gan an cogadh do bheith eadrainn. Cómharsain mhíne, mhacánta, neamh-thranglaim: gan fonn achrainn, easaontais, ná mioscais ortha lé neach.

neamh-thráth: *b.3.* neamh-chao; uain neamh-oireamhnach. Neamh-thráth d'éinne teacht anois i gcoim oidhche: am ná hoireann. Pé uair dá dtugainn fé é dhéanamh neamh-thráth dhom dob eadh é, thagadh rud éigin treasna orm: uain neamh-chaothamhail. Neamh-thráth seadh an oidhche chun iascaireachta slaite ar an abhainn: am mío-oireamhnach: neamh-ionbhadhach. Nách neamh-thráth d'aon fhear lé meas air féin teacht ag obair chómh déidheannach so: uair neamh-cheart. Rugas i neamh-thráth air, nuair bhí sé ghá fhaire féin go cúram: am neamh-éascaidh: ciotach.

neamh-thráthaidhe: *f.4.* duine nó ainmhidhe nó rud ná tagann nó ná bíonn ar an am ceart nó gnáth. Tiocfaidh sé, ach ní fios cathain mar neamh-thráth seadh é: ní thagann ar uair áirighthe. Neamh-thráthaidhe coiligh: ceann a ghlaodhfadh ar aon am den oidhche. Neamh-thráthaidhe éisc ar an gcósta so an scadán: ní bheadh a fhios agat cathain bhuailfeadh sé an cósta. Neamh-thráthaidhthe scoile.

neamh-thráthamhail: *a.* neamh-chaothamhail; neamh-ionbhadhach; neamh-mhoch; neamh-shaosúrdha; neamh-dhiaireach. Am neamh-thráthamhail d'éinne teacht ar mheádhon oidhche ar cuaird: neamh-oireamhnach. Bhuaileas isteach go neamh-thráthamhail: ar am ná raibh deallramh ar bith leis. Níor bh'aon mhaith dom cabhair neamh-thráthamhail bhí sé buille déidheannach: ná tháinig lé linn an ghábhtair. Prátaidhe (toradh etc.) neamh-thráthamhla chómh déidheannach so san mbliadhain: ná fuil sa tsaosúr cheart. Cnagadh an doras go neamh-thráthamhail ar maidin: go ró-mhoch. Go neamh-thráthamhail do thagann sé: níl am áirighthe teachta aige.

neamh-thráthamhlacht: *b.3.* neamh-chaothamhlacht; neamh-ionbhadhacht; neamh-dhiaireacht; neamh-mhoiche. Neamh-thráthamhlacht do theachta dhómh-sa do chuir as me mar bhíos díreach chun a ghreamuighthe nuair choiscis me: am nár oir dom bhearta. B'éigean scaramhaint leis lé n-a neamh-thráthamhlacht ag friotháilt a chuid oibre: neamh-dhiaireacht: gan é do theacht ar an am riachtanach. Ní furaiste foghail do dhéanamh air lé n-a neamh-thráthamhlacht: a mhoiche a dhúisigheann sé.

neamh-thréith: *a.* neamh-lag; neamh-chlaoidhte; neamh-bheathadhach. "An maireann súd fos, inns dom?" – "is é atá go neamh-thréith": láidir, anamamhail. Is é atá go neamh-thréith fós: ina chnuig isteach ó Luan go Satharn beó, beathadhach ag saothar go dícheallach.

neamh-thréith: *b.2.* cáilidheacht ná fuil iomlán nó foirbhthe; beith ná cóimhlíonann an nidh budh dhual (do). Neamh-thréith ann an sprionnlaitheacht, níor mhar sin dá athair roimis: mianach nár dhual do. Is mise an fear go bhfuil eólas de neamh-thréith agam, dá mbudh mhaith liom mo bhéal d'oscailt ort: na hairdheanna a bhaineas leat nách maith. Neamh-thréithe ar fad seadh thu, riamh ní fheaca faic deanta agat: n-ghníomhartha: aon rud gurbh fhiú trácht air níor dheinis.

neamh-thréitheach: *a.* neamh-chliste; neamh-eólgaiseach; ar shuarachas gníomh; gan cáilidheacht ar bith. Is tú is neamh-thréithighe ar m'eólas, níor dheinis riamh ná ní dhéinir aon rud dob fhiú do thabhairt fé ndeara: gan gníomh, gan comaoin do dhéanamh ná maitheas d'éinne. Neamh-thréitheach an fear ná féadfadh lé n-a dho-chroidhe pingin do thabhairt don mbocht: neamh-spirideamhail: neamh-phreabamhail. Dá mbeinn chómh neamh-thréitheach leat-sa ach go háirighthe do bheadh náire orm: gan gníomh nó preab ionam ar aonnidh riamh.

neamh-threó: *f.4.* neamh-ionad; neamh-aiste; neamh-stiúradh; neamh-sheoladh. Raghair amudha! Táir ar neamh-threó chun tighe an duine sin: ar an mbealach mí-cheart. Níl rud sa tigh ná go bhfuil ar neamh-threó: san ionad mí-cheart nó gan bheith riartha mar budh chóir. Is oth leis gach éinne an neamh-threó atá ortha, táid chómh dealbh léd bhais: an aiste olc. Táir ag gabháil mí-cheart, táir i neamh-threó an tighe: nílir ar an gcasán a bhéarfadh ann thu. Bhíos ar neamh-threó a dhéanta, mara mbeadh san chídhfeá is chloisfeá malairt scéil: san ionad mí-cheart: ní raibh an deis agam air. Is minic adubhart leat gur bh'fhada ag dul ar neamh-threó dhuit trí ólachán agus cuideachtaidhibh ragairne: ag dul ar t'aimhleas. Ar an neamh-threó atá ar an mbád san ní shnámhfaidh sí choidhche: an droch-aiste: an neamh-fhearas. Mara mbeadh an neamh-threó atá orm-sa i dtaobh éadaigh do raghainn ar an gcóisir sin: a bhoichte agus a luime nó a neamh-oireamhnaighe. B'fhuraiste an dún do thógáil ar an neamh-threó cosanta a bhí air: droch-aiste is droch-chlódh.

neamh-threóir: *b.2.* ₇ *5.* neamh-riarthóir; neamh-eólaidhe; neamh-chabhair; neamh-stiúradh; neamh-imtheacht. Aon ghnóth níl agam díot mar bír ag imtheacht ar neamh-threóir an uile lá: ar an mbealach neamh-cheart: ag dul i gcoinnibh gach éinne is gach aonnidh. Ar an neamh-threóir atá ort choidhche ní chuirfir faic chun suime: an droch-

chlódh chun gnímh. Neamh-threóir duit-se an duine sin, b'fhearra dhuit tu féin do sheachaint air: duine ná fuil ar fóghnamh chun tú do stiúradh. Is tú an neamh-threóir dom ar uain mo riachtanais: an té nách maith ná cabhair dom. Na céadta mílte saighdiúiridhe ar neamh-threóir: imthighthe lé fuacht is le fán: ar iarraidh: amudha go haindeis fé chrioslach na ndúthaighe. Mo shláinte ar neamh-threóir: rud éigin ag goilleamhaint uirthi.

neamh-threórach: *a.* ar dhroch-aiste; neamh-stiúrthach; neamh-fheidhmeach; neamh-sheólta. Ó cailleadh mórán stuic ortha táid neamh-threórach go maith, ní dheallramhuigheann siad puinn do bheith aca: ag strácail go leór leis an saoghal. Duine id bhun níor bh'fhéidir d'fhagháil is neamh-threóraighe 'ná é, choidhche ní raghair chun cinn fé: is measa chun tu do sheóladh. Éirigh as, níl aon eólas agat ar a dhéanamh, táir neamh-threórach ar fad: gan feidhm ar bith. Chómh haimlidhthe sin as a chosaibh go bhfuil sé neamh-threórach: gan bheith i ndán dul in aon áit uaidh féin. Dheinis neamh-threórach me an lá bhrisis mo chos: d'fhágais ar fóraoil me: gan mhaith.

neamh-threóraidheacht: *b.3.* seóladh mícheart; neamh-sholáthar; cuaradach in aistear. Mise ag brath ort agus tusa a dhein an neamh-threóraidheacht dom, a fhág san aimléis me: nár stiúruigh is nár sheól ar mo leas me, nó san áit do theastuigh uaim. B'olc an neamh-threóraidheacht dhom nár fhéad púnt do chur os chionn a chéile is é ag tastáil chómh gábhtarach uaim: neamh-sholáthar: cur lé chéile aindeis. Dálta an scéil, do deineadh neamh-threóraidheacht air nár tugadh an dochtúir in ullamhacht chuige, bheadh sé ina bheathaidh indiu: neamh-fhriotháilt. Táid imthighthe ar neamh-threóraidheacht lé fada 'sé is baoghalaighe ná faghfar a dtásc ná a dtuairisc go bráth airís: ar fán gan iarraidh.

neamh-threórughadh: *f.* (*-uighthe*) neamh-stiúrughadh, neamh-sheóladh; neamh-sholáthar; neamh-chuardach; neamh-chóiriughadh. An neamh-threórughadh a bhí dhá dhéanamh ar an arm b'é a gcreach é, oifigidhe neamh-eolgaiseacha ós a gcionn agus droch-armáil aca: neamh-stiúrughadh. Ghod neamh-threórughadh ar t'aimhleas atá éinne atá ag tafant ort bheith ragairneach: ghod thiomáint, sheóladh. Ar an neamh-threórughadh atá déanta agaibh i gcóir an scrúduighthe níor bhfearr dhíbh rud do dhéanfadh sibh 'ná stad: ullamhughadh gan deallramh. An trangláil go léir is an neamh-threórughadh a chuir an ceann ar buile: gan aon rud ina ionad féin. Fé neamh-threórughadh duine ná raibh eólas ná taithighe aige: neamh-chóiriughadh. Ar an neamh-threórughadh atá déanta agaibh go dtí so ní bheidh sibh réidh go ceann i bhfad agus beidh sibh déidheannach: neamh-ullamhughadh.

neamh-thrócaire: *b.4.* neamh-thais; neamh-thruaighmhéil; cruadháil; neamh-mhaitheacht. Nách me do dhein an neamh-thrócaire air nár thug greim bídh do is ocras air: nách agam ná raibh an truaighmhéil do. A dhuine sin na neamh-thrócaire ná tabharfad lámh leis an té atá ag éigheamh ort chun a chónganta: neamh-bháidheamhlacht leis an té a bheadh id lúib. Neamh-thrócaire d'éinne go mbeadh cumas aige gan lámh do thabhairt le naoidhe na déirce: ceal taise: ceal mothála na truaighmhéile.

neamh-thrócaireach: *a.* neamh-thruaighmhéileacht; neamh-thais; neamh-mhothalach. "Éigcéillidhe, neamh-choingheallach, gan grádh nádúrtha, do-rianta, neamh-

thrócaireach": gan báidh leis an té a bheadh i gcás. Gníomh neamh-thrócaireach bheith ag gabháil ar bhráighe: gan mhothóilt dhaonna: gan truagh de chorp an duine. Is neamh-thrócaireach an rud cogadh: marbhadh gan truagh dá chéile.

neamh-thruagh: *b.2.* 7 *3.* neamh-thaise; neamh-thrócaire; neamh-mbáidh; neamh-mhairg. Mo neamh-thruagh mo namhaid ag dul ar lár: aon mhothóilt báidhe ná leagadh aigne níl agam leis. Is mó de neamh-thruagh é – tar éis an tsaoghail, tá sé ge n-a Dhia – ná an bhaintreabhach is a leanbhaidhe d'fhág sé ina dhiaidh: is é is lugha go mbeadh taise agat do nó áithmhéala ort ina thaobh. Neamh-thruagh é sin má chuaidh sé suim mhaith airgid chun deiridh féin, ná fuil na leaga liatha aige: ní naoidhe mór mairge ná caduaice d'éinne é. Is agam do bheadh an neamh-thruagh don té a chaithfeadh a chuid airgid go breallach nó d'éinne eile chómh hamadántamhail. Nách aige a bhí an neamh-thruagh don ainmhidhe bhocht is bheith ghá oibriughadh agus mairc ghránda ar a bhrollach: neamh-thaise do dhuaidhnéis an ainmhidhe.

neamh-thruaighmhéil: *b.2.* neamh-aithmhéala; neamh-bháidh dho; neamh-mhaoithneachas. Do bheadh neamh-thruaighmhéil agam duit dá leigfeá uait do chuid chómh bog, saor san os chómhair do shúl amach: ní bhrathfainn aon aithreachas im chroidhe dhuit. An gháiridhe is an magadh a bhí aca fé is iad ag gabháil air, an neamh-thruaighmhéil bhainfeadh sí an deóir ód shúil agat: an chruadhálacht: an calcanas ná bogfadh an croidhe fé mhairg chách.

neamh-thruaighmhéileach: *a.* neamh-thrócaireach, neamh-thais; neamh-bháidheamhail; neamh-mhaoithneach. Ná bí chómh neamh-thruaighmhéileach dá chrot (olc) is go mbeifeá ag fonmhóid fé: gan taise: gan mothóilt dhaonna: gan preab id chroidhe a mhúsclóchadh maoithneachas ná taise lé fonn fuascalta. Fuaireas bualadh neamh-thruaighmhéileach uatha, ag gabháil orm lé gach rud so-láimhe agus is ag éirghe ar a ndásacht do bhí lé gach iarracht: gan aon fhéachaint ná géilleadh dom iomard ná tinneas.

neamh-thruaillighthe: *a.r.* gan smál; neamh-shailighthe; neamh-shuarach. Muire neamh-thruaillighthe: gan smál, gan teimheal. D'fhan sé i gcomhnaidhe ina fhear neamh-thruaillighthe d'aindeóin na ndrochchomhluadar do thaithigheadh sé – gan teimheal ar a chlú ná ar a cháil. Nára b'iad na daoine céadna in ao'chor iad, an dream so agam-sa nílid beag, fir neamh-thruaillighthe seadh iad, árd, téagartha, lúthmhar: neamh-shuarach: gan puinn scrothaidheachta. An taca atá i dtreis agam-sa fear neamh-thruaillighthe dob eadh é ná tógfadh breab ná biadhgas, anois tá sé ag tnúth leis gach n-aon: ná scarfadh lé n-a onóir ná a leithéid ar bhreib: nár bh'fhéidir do lúbadh. Beathuisce neamh-thruaillighthe: ná bíonn uisce nó lionn ann chun a laguighthe.

neamh-thuairm: *b.2.* baramhal neamh-mhuinghineach. Bhí neamh-thuairm agam go bhfaigheadh sé an lá nuair chonnac an fear cuthaigh a bhí istigh leis: amhras láidir ná héireóchadh leis. Ná bíodh aon neamh-thuairm agat as, cuir do mhuinghin go léir ann, níor chlis sé a fhocal riamh: aon droch-amhras. Ní thaithnigheann do neamh-thuairmidhe do dhaoinibh liom, dar leat ná fuil neach díreach ach tu féin. Neamh-thuairm airgid a bhí air agus féach a raibh ina dhiaidh tar éis a bháis: níor ceapadh go raibh sé aige. Tá dearmhad ort, ná caith aon neamh-thuairm air i dtaobh a nirt mar tá an neart ann: ná

tuigtear duit gur fear lag athá ann. Tá sé an-bhreoidhte ar fad ar fad neamh-thuairm atá ges na dochtúiridhibh do: is air is láidre iad go bhfaghaidh bás.

neamh-thuairmeach: *a.* neamh-bharamhlach; neamh-mhuinghineach. Ní fhéadfadh a rádh leat cad é an saghas aimsire a bheidh ann, tá sé neamh-thuairmeach ina taobh: gan aon bharamhail aige: gan tuigsint aige innte. Is ag an té budh neamh-thuairmighe go raibh breis an airgid aige: an té is lugha gur bhuaileadh in aigne na ndaoine. Táthar neamh-thuairmeach de go dtiocfaidh as: lag-shúil atá leis. Cabhair bheag dúinn tusa, táir ró-neamh-thuairmeach, ní déarfá faic mar seo ná mar siúd: gan aon bharamhail.

neamh-thuaisceartach: *a.* neamh-thuathalach, síbhialta; béasach; neamh-dhroch-mhúinte. Cé gur gnáthach leis a bheith goirgeach le daoinibh caithfeam-ne a rádh go raibh sé neamh-thuaisceartach go leór linn: gan bheith borb ná neamh-shíbhialta. Ná bí chómh grod leis; labhair níos láighiche leis, bí neamh-thuaisceartach: soi-fheirge: tuathalach i gcainnt.

neamh-thuaith: *b.3.* suim, spéis; ceann do thógaint (de). D'fhilleadar is a n-earball trí n-a ngabhal aca lé náire nuair connacthas dóibh an neamh-thuaith do cuireadh ionta: nár tógadh aon cheann de. Bhris sé a chroidhe ann an neamh-thuaith a chuir sí ann is é lán de chion uirthi: nár chuir spéis ann: nár thóg aon cheann dá áird innte. Neamh-thuaith i bhfearaibh aice: gan aon tsuim in ao'chor.

neamh-thuigsint: *b.3.* neamh-mheabhraidheacht; neamh-ghreim incheann; neamh-éifeacht; ceal cómhachta greama incheann ar nidhthibh. Neamh-thuigsint dom gan cuireadh bídh do thabhairt dóibh is ní gortacht: gan é do rith im aigne. Neamh-thuigsint atá agam ar bhád do stiúradh, ceal taithighe ag teacht liom: fíor-bheagán eolais. Níl againn ach neamh-thuigsint ar chómhacht Dé: fíor-bheagán eolais. Ná bíodh aon neamh-thuigsint agat anois ar an méid atá agam dhá innsint duit, éist go cruinn liom: ná bíodh mearbhall ort: bíodh gach nidh go soiléir agat.

neamh-thuilleamh: *f.1.* neamh-ghnóthughadh; neamh-shochar. Seo púnt duit agus is air atá an neamh-thuilleamh déanta agat: níl faic déanta agat gur bh'fhiú tú é do thabhairt duit. An síor-chaitheamh is a thugas tón póca duine anáirde: gan airgead nó díolaidheacht in aghaidh oibre. Ag neamh-thuilleamh buidheachais uaim-se ataoi an lá atáir ag tabhairt táthaireachta dhom: beidh mío-ghnaoi orm.

neamh-thuillte: *a.r.* neamh-shaothruighthe; neamh-cheannuighthe. Fuair sé droich-dhéanamh ós gach éinne i ndeireadh a shaoghail nuair bhí sé chómh dealbh lém bhais agus is é a bhí go neamh-thuillte aige: is é ná raibh sé ag dul do. An droich-bhéal atá fachta agam uait tá sé neamh-thuillte agam uait, cad do dheineas riamh ort as an slighe: is é nách díol dom.

neamh-thuirse: *b.4.* neamh-choirtheacht; neamh-leisce; neamh-thraochadh; neamh-iomard; neamh-bhuaidhreamh. Ar bheith ag éisteacht leis ag cur tharais ar áiteannaibh is ar dhaoinibh a bhuail uime ar feadh an lae do bheadh neamh-thuirse ort aige, bíonn an oiread san breághthachta ina ráidhtibh: ní bhraithfeá cortha dhe. Is air a bhí an neamh-

thuirse agus tabhairt fé thurus chómh fada leis, chómh déidheannach sa lá: neamh-leisce. Is mór go léir an neamh-thuirse a bhíos ort is bheith síor-chainnt: neamh-leisce: neamh-dhuadh. Neamh-thuirse tar éis an lae atá ort is bheith ag fonmhóid fé dhuine go bhfuil a chroidhe briste ag obair ó mhaidean: neamh-shuathadh cuirp. Teachtaire féicheamhanta é go mbeadh neamh-thuirse air aon rud do dhéanamh duit: neamh-righineacht: neamh-leisce. An lá cruaidh oibre is mó a rug riamh air, neamh-thuirse a bheadh tráthnóna air: ní bheadh aon bhrath aige ar dhuais an lae. Moch déidheannach bheadh sé ina bheathaidh lé neamh-thuirse: beódhacht d'aindeóin aon duaidh. Neamh-thuirse leis bás a bhfuil sa cheanntar, an díolamhnach!: neambrón.

neamh-thuirseach: *a.* neamh-thraochta; neamh-thnáidhte; neamh-bhrónach; neamh-chráidhte. Labhair leat, táim neamh-thuirseach fós díot ach go háirighthe: nílim dóthanach díot. Léimfeadh sé claidhe dhuit tar éis a lae oibre nách neamh-thuirseach an barránach é: neamh-chlaoidhte i gcorp. Caithfead admháil go mbeinn neamh-thuirseach dá chuid cainnte dá fhaid bheadh léi: ná goillfeadh sí orm. Choidhche bheadh sí neamh-thuirseach de bheith ag moladh Dé, tá sí chómh diamhóideach san: ní fhoillseóchadh sí aon chómhartha go raibh an iomad déanta aice. Dá mbeinn chómh díomhaoin neamh-thuirseach lé bacach a chaithfead a mhála dhe ní chorróchainn cos ná lámh chun cabhartha .i. gan faic lé déanamh is gan mairg san tsaoghal. "Is neamh-thuirseach duit", deirtear lé cách nuair bhíonn ar a socracht, nó lé sámhán. Daoine neamh-thuirseacha dícheallacha chun an tsaoghail, ná braithfeadh obair ná cruadhtan is ná cúbfadh uaidh.

neamh-thuirseamhail: *a.* neamh-chlaon lé tuirse do chur, brón do thabhairt, clipeadh nó crádh do dhéanamh (ar). Cuir uaim anois, obair neamh-thuirseamhail seadh bheith ag siubhal síos suas ag faire ar dhaoinibh ag déanamh do ghnótha dhuit: ná cuirfeadh suathadh ná iomard cuirp ort. Bróga córacha, déanta, déarfainn go bhfuilid neamh-thuirseamhail chun siubhalóide: ná fuilid goilleamhnach ar an gcorp: gur éascaidh gluaiseacht ionta. Tagann spealadóireacht níos neamh-thuirseamhla lé faobhar ná gan: ní shuathann sé an corp chómh mór: ní ghoilleann air. Is neamh-thuirseamhail an chuideachta fir é, b'aoibhinn leat bheith ag éisteacht leis: clipeadh ná crádh ní dhéanfadh ort bheith ag éisteacht leis. Is neamh-thuirseamhla de chúrsa do chapall do bheith marbh 'ná do mhac: is neamh-bhrónaighe é. Scéal neamh-thuirseamhail liom-sa tú tinn: níl caduaic orm dá chionn.

neamh-thúisce: *d-bh.* neamh-thosach. Is neamh-thúisce tháinighis-se ná mise, bhís tuairm agus uair an chluig im dhiaidh: níos déidheannaighe. Ní neamh-thúisce d'íosfainn aon rud 'ná iasc úr maith: d'íosfainn é roim aon rud eile. Budh neamh-thúisce leó an té gann do thabhairt d'éinne eile 'ná dom, toisc go mbínn ag trácht leó leis na bliadhantaibh: ní dóibh do thabharfaidís tosach. A neamh-thúisce a tháinighis a chuir as tu: tú do bheith buille maith déidheannach. Níor neamh-thúisce liom tu 'ná aon duine ar m'aitheantas, táim lán de chion ort: gheóbhainn leat roim éinne.

neamh-thuitim: (**neamh-thuiteam**) *f.1.* neamh-thuisleadh; neamh-shileadh; neamh-leagadh; neamh-threascairt; neamh-ísliughadh (luach); neamh-chlaonadh (le). Is iongtach go léir an luach atá ar stoc, an neamh-thuitim atá ortha lé bliadhain: neamh-luigheadughadh luacha. A neamh-thuitim atá ar an ngaoith má leanann de ní fhágfaidh

tigh ina sheasamh: neamh-staon: neamh-lagughadh. Aos mór aice agus an neamh-thuitim atá uirthi fós: gan cromadh: gan lúbadh cuirp. Ná bíodh aon neamh-thuairm agat asam-sa, táim ar neamh-thuitim fós: ní bhrathaim mar dhuine go mbeadh eagla a chlaoidhte air. Is maith cruaidh, láidir atá sé fós, 's sé sin adeir a neamh-thuitim alluis: neamh-shileadh. A neamh-thuitim liom budh bhun lé me dá bhfágaint: ní bhfaghaidís leór liom: níor shásamh leó bheith ag bruic liom. Neamh-thuiteam ó dhúthchas duit do bheith fial: chuadhais lé n-ar tháinig rómhat. Dá fhaid id dhúiseacht thú is mór an neamh-thuitim codlata atá ort: gan aon leagadh lé suan. Deirim leat go bhfuil sé deisbhéalach, líomhtha ná fuil aon neamh-thuitim focail air: ná déarfaidh sé faic go mbéarfaí amuigh air ina thaobh.

neamh-thuitthe: (**n-thuitighthe**) *a.r.* neamh-leagtha; neamh-shilte; neamh-threascartha; neamh-íslighthe. Is neamh-thuitthe atá fós dá mhéid é a aos, seasuigheann sé chómh díreach lé gaine: neamh-chromtha: neamh-lúbtha. An uair bhí an saoghal neamh-thuitthe is b'fhiú dhuit seifteanna do bheith agat, ní hionann is anois nuair tá gach aon rud ag imtheacht ar shlat-mhargadh: luach maith lé fagháil ar aon rud indíolta, ionaonaigh. Déarfainn-se go raibh sé níos neamh-thuitthe lé digh 'ná mar is dóigh leat, ní baintí as ach fo-ghroga: ná raibh chómh claonta le leagadh. Ná cuir do ghlór thar cnoc mar gheall air, is tú atá go neamh-thuitthe liom-sa mar is mó thugas duit ná do fuaireas uait: neamh-chaillte liom: nílir faic siar dem dhruim. Féach! na mailidhe is an tsrón chéadna nách é atá go neamh-thuitthe ó n-a athair: cosamhail leis: an-dheallramhthach leis. Lé déidheannaighe annsan táid neamh-thuitthe lé chéile: rud ná bídís, bhíodar an-mhór lé chéile: nílid buidheach ná muinnteartha.

neamh-thur: *a.* go neamh-annlann; blastamhail; mín; soilbhir; iontsuime. Annsúd do bhíodh an raidhse is an biadh neamh-thur: biadh go mbíodh fuighleach annlainn ag dul leis: blastamhail. D'íosfá lán ciseáin den arán úd amach as do láimh, bhí sé chómh neamh-thur san: soi-ithte: buige is mílseacht is blastacht ag baint leis. Scéal neamh-thur go gcaithfinn an oidhche suas ghá léigheamh lé sástacht: iontsuime. Deirtear go bhfuil sé grod, mío-rothagach, ach mo thaithighe-se air nár labhair sé ach go neamh-thur riamh liom: múinte, lághach.

neamh-thútach: *a.* neamh-gharbh; neamh-thuathalach; neamh-mhín; neamh-reamhar; neamh-liobarnach. Is breágh, slachtmhar neamh-thútach an chulaith éadaigh atá ort: mín, sleamhain, gan ruic, gan cnapáin. Méireannta neamh-thútacha a ghluaiseas go seólta, pras ar théadaibh ceóil: líomhtha, seang, gan a bheith reamhar, aindeis. Capall neamh-thútach gur thaithneamh an t-imtheacht atá fé: fuinnte, córach, deaghchúmtha. Budh ghleóidhte, neamh-thútach do láimhseáladh sí gach nidh: neamh-aindeis, cliste. Ní fhéadfadh éinne locht d'fhagháil ar a bhéasaibh, neamh-thútach i gcainnt 'si ngníomh: neamh-aindeis: neamh-thaithneamhach.

neamh-uachtarach: *a.* neamh-árd. Druid suas tamall maith eile ar an bhfalla é, tá sé ró-neamh-uachtarach: gan bheith árd anáirde go leór. Is neamh-uachtaraighe sa tsaoghal anois 'ná cheana, bhí sé ina cheann tamall, anois níl ach ina chongtóir: gan céim níos aoirde do bheith aige. Caithfir deimhniughadh go maith led dharudha, tá an t-iasc ró-

neamh-uachtarach duit: níos sia síos. Daoine is neamh-uachtaracha an tsaoghail seo: iad so ná fuil áitrighthe.

neamh-uaigneach: *a.* neamh-eaglach roim phúcaidhe; neamh-iargcúlta; neamh-fhaitchíosach; neamh-aonaránach. Codlóchadh sé sa roilig, nách neamh-uaigneach é?: neamh-fhaitchíosach. Áit neamh-uaigneach é seo sa tsamhradh, bíonn mórán ann ar a laetheanntaibh saoire: cuideachtamhail. Saoghal neamh-uaigneach a bheadh agat i gcathair 'e bhreis ar bheith fén dtuaith, bheadh peictiúiridhe, amharclann, rinnce nó ceól agat lé dul chuige aon am: neamh-aonarach: gan bheith ar leithrigh leat féin ón sluagh.

neamh-uaigneas: *f.1.* neamh-eaglacht roim phúcaidhe; neamh-iargcúltacht; neamh-aonaireacht; neamh-fhaitchíosacht; neamh-rúndacht. Budh chuma leis bheith ina aonar nó eile i rith na hoidhche lé n-a neamh-uaigneas: bheith gan scáth ná faitchíos. Shaoileas go raibh do thig suidhte in neamh-uaigneas, ach is amhlaidh atá go bhfuil in athchomhair d'aon tigh: áit phoiblidhe. Cad n-a thaobh do rún do thabhairt do in neamh-uaigneas - chualaidh daoine thu: in áit nó ar chuma go raibh clos air. An iomad taithighe ar chuideachtain is conbharsáid daoine i rith a shaoghail chun gan dul chun cómhnaidhthe in neamh-uaigneas anois: i mball iargcúlta. Ní bheadh aon neamh-uaigneas orm, geallaim duit, b'fhearr liom thu im fhochair gach lá is oidhche dhem shaoghal: bhrathfainn uaim do chómhluadar. B'ait leis gach éinne an neamh-uaigneas a bhí uirthi ina dhiaidh, ach níor bh'eól dóibh sin an buaidhreamh do chuir sé uirthi i rith a beatha: neamh-dhuairceas is an neamh-aonaireacht.

neamh-uain: *b.2.* $_{7}$ *5.* mí-thráth; am neamh-thráthamhail; neamh-chao aimsire. An rud is mó a bhain díom agus b'fhéidir a chuir ó fhagháil an ruda a bhí uaim ná an neamh-uain go dtána air, ní raibh an duine ceart rómham: am is tráth nár oir. Ní bhfuaireas ach neamh-uain chun beartha ar an dtraen: seal ró-ghearra. Cad é an mhaitheas bheith d'iarraidh rudaidhe do dhéanamh lé neamh-uain: gan faid ná caothamhlacht ama. Ná buail an t-iarann ar neamh-uain: buail é i dtráth.

neamh-uaineach: *a.* neamh-chaothamhail, neamh-oireamhnach. Droch-ghabha a dhéanfair, a phríntísigh, táir ró-neamh-uaineach: ní fhanair leis an am ceart ag úrlaidheacht. Bíonn na páipéir neamh-uaineach ag teacht toisc athruighthe ama na traenach: ní har an am gcéadna is gnáth leó teacht. Lá feannaideach neamh-uaineach ar bháistigh: gan aon aitreamh d'fhagháil uirthi.

neamh-uair: *b.2.* fo-uair, fo-am. Neamh-uair a thagann sé go doimhin ag lorg aonnidh, chun a chirt féin do thabhairt do: fo-uair: ní fiú a áireamh cá minic do thagann.

neamh-uaisleacht: *b.3.* ceal uaisleachta, neamh-fhéile; neamh-chaoine; neamh-bhéascnadh. An té go mbíonn an neamh-uaisleacht ann ó dhúthchas a bhfuil de mhaoine is de rachmas sa domhan uile ní mhúinfeadh galántacht do: ceal árd-mheanmnachta: gan na tréithe arda, buacacha. An raibh neamh-uaisleacht ag baint leis an bhfear a thug a bhéile don ocrach is a chuaidh gan é féin: neamh-fhéile. Na tighthe beaga, suaracha barrachta atá dhá thógaint anois ar thuaith na cathrach tá neamh-uaisleacht ag baint leo ná fuil leis na sean-thighthibh mórtacha a tógadh dhá chéad bliadhain ó shoin: ní bhainfidís

suim dhuine lé n-a mbreághtacht ná a slachtacht. Tá neamh-uaisleacht éigin ag baint leis an slighe a labhrann sé, níl an mhíne ná an líomhthacht aige a thaithnigheas leis an gcluais: neamh-chaoine.

neamh-ughdarásach: *a.* gan ughdarás; neamh-theidealach; neamh-dhána; neamh-chlódhchaiseach. Is me atá go neamh-ughdarásach im thigh féin, an bríste ar mo mhnaoi: gan cómhacht smachta ná treóruighthe agam ar aon rud. Is breágh an lá dho a bheith chómh neamh-ughdarásach in aon áit dá ngaibheann sé: gan bheith ag déanamh ceann de féin ná ghá chur féin in iúil os cionn neach eile. Scéal neamh-ughdarásach atá agam, níl aon dearbhadh agam leis, ach ní fhágfadh san ná go mbeadh sé fíor: scéal neamh-dheimhnightheach, gan fínéacht fhorasta leis. Ní mór go mbrathfá in aon chómhluadar é, tá sé chómh neamh-ughdarásach san, cúthail, culbhánta: neamh-chlódhchaiseach: scáthmhar, uainnearasach.

neamh-úire(acht): *b.4. 7 3.* guirteanas, gan bheith bog, tais; gan a fholláine bunaidh, brigh, áilne, sláinte; maislightheach, cabhruightheach; n-thaisireacht. Tá an iomad salainn gabhtha ag an bhfeóil, ní fhéadfainn baint léi lé n-a neamh-úireacht: saillteacht: guirte(amas). Neamh-úireacht na cré is gach aon rud do bheith ina bhalc gen spalladh triomaigh a chuir gan teacht an síol: gan taisreacht nádúrdha ná cré nó dúilidheacht an uisce de cheal báistighe. Níl ruibe ar an dtalamh a íosfadh aon ainmhidhe lé neamh-úireacht: tá sé feóidhte cheal na taisireachta nó na dúilidheachta uisce riachtanach d'fhás. Chuirfeadh neamh-úireacht a leicne iongadh ort is a óige atá sé: ceal an datha is na buige is na blátha nádúrtha a théigheas leis an óige. Lé neamh-úireacht an ime ní féidir liom dul ina ghoire: cabhruightheacht.

neamh-uireasbhach: *a.* gan ceal, gan gannchar, neamh-mháchaileach; neamh-lochtach; neamh-ghearra (i, fé); neamh-ghanntarach. "Connus mhothuigheann sibh deasca an chogaidh?" – "go neamh-uireasbhach moladh lé Dia": gan ceal aonnidh. Dá mbeinn chómh neamh-uireasbhach leat fé éadach budh ghléasta an gaige me: a luighead call leis: oiread de do bheith agam. Bórd neamh-uireasbhach a leagadh os ár gcómhair a shásóchadh an té budh chairéisighe carbhall is blas: gan ceal aon ruda a theastóchadh ná budh mhian. "Connus tá an scéal fé lón agaibh san aimsir chruaidh seo?" – "go neamh-uireasbhach": gan aon rud ar tastáil uainn. Neamh-uireasbhach fé fheóil, pháipear, thobac, etc.: go leór de ann. Inneall neamh-uireasbhach go bhfuil teacht abhaile ann: gan aon rud in easnamh air. B'é an saoghal neamh-uireasbhach é céad glóire lé Dia, toradh ó mhuir is ó thír ges na daoinibh: go leór dóthanach ag gach éinne.

neamh-uireasbhaidh: *f. n-dh.* neamh-dhóthain, neamh-ghannchar, neamh-cheal, neamh-bhochtnacht. Pé slighe a bheidh thall (ar an saoghal eile) aige tá neamh-uireasbhaidh ar an saoghal so aige: an méid a theastuigheas uaidh de gach rud. Ní raibh aon deithneas orainn, cheapamair go raibh neamh-uireasbhaidh eaga orainn ach is amhlaidh a bhí go rabhamair ró-dheireannach: go leór aimsire. Faid bheidh neamh-uireasbhaidh airgid orm-sa is más aon réidhteach ar do chruadhtan é ná bíodh an bhroid ort: faid agus bheidh mo dhóthain de agam. Riamh ní fheaca sé an lá san go raibh neamh-uireasbhaidh air .i. ná go raibh a dhóthain aige.

neamh-úirlis: *b.2.* ceann gan tairbhe nó ná hoireann. Ar na neamh-úirlisidhe a bhí aige chun trucallach do dhéanamh ceárdaidhe rithte é is a rádh gur éirigh leis: cinn neamh-oireamhnacha.

neamh-ullamh: *a.* neamh-réidh; neamh-thiargálta; neamh-fhearaistighthe; neamh-chríochnuighthe; neamh-thoilteanach. Níl aon rud neamh-ullamh anois, seo chun bóthair sibh: tá gach rud i gcóir imtheachta. Fan, fóill, táim neamh-ullamh fós, táim gan bearradh, ní mheádhais dom dhul ameasc daoine is coinnleach ar mo ghiall?: nílim socair im cheart. Neamh-ullamh den mbás: gan síothcháin do bheith déanta lé Dia. Beidh an obair neamh-ullamh níos sia 'ná mar is dóigh leat: neamh-chríochnuighthe: neamh-chóirighthe. Bír riamh agus choidhche neamh-ullamh chun do leasa do dhéanamh, ní chorróchadh an saoghal mór thu: neamh-thoilteanach: leasc: dúr.

neamh-ullmhacht: *b.3.* ceal tiargála; neamh-réidhe; neamh-iomláine; neamh-thoilteanacht; mío-thráthamhlacht; neamh-chóirightheacht. Mo neamh-ullmhacht a chongaibh moill orm, in am is go rabhas gabhtha gléasta bhíos na céadta bliadhain ró-dhéidheannach: neamh-réidhe: gan me bheith socair oireamhnach i gcóir gluaiste. A neamh-ullmhacht i gcóir catha, cé gur sean-phort aice é, is bun leis an nGearmáin gan do bheith claoidhte fadó aice: gan an soláthar ceart, riachtanach do bheith déanta aice ar lón agus armáil chogaidh do bheith curtha lé chéile aice. Chaitheas éirghe de thafant air teacht nuair b'fhollus dom a neamh-ullmhacht: neamh-thoilteanacht: dochma roim ghluaiseacht. Ó, táir déidheannach, ach sin a bhfuil ann, tháinighis in neamh-ullmhacht: ar am mío-thráthamhail. Bhíos in neamh-ullmhacht riamh, is oth liom do rádh: mall: neamh-réidh: gan bheith mar budh cheart agus ar neamh-uain. Toisc neamh-ullmhacht na feóla ní raibh sí réidh lé díol: gan í bheith cóirighthe, glan, scriosta etc. 'na ceart chun a díolta.

neamh-ullmhuighthe: *a.r.* neamh-chóirighthe; neamh-réidhtighthe. Biadh neamh-ullmhuighthe: ná fuil bruithte lé n-a ithe. Nár bheiridh Dia gearra ar m'anam neamh-ullmhuighthe: chun báis: gan mo shíothcháin do bheith déanta agam. Neamh-ullmhuighthe chun bóthair: gan bheith gléasta agus an uile rud socair feistighthe gan ceal.

neamh-umhal: *a.* neamh-ómósach, neamh-ghéilleamhail; neamh-thoilteanach; neamh-fhéicheamhanta, neamh-éascaidh. Is beag asal riamh ná raibh neamh-umhal: dochmamhail ar ghluaiseacht: neamh-fhonnmhar ar rud do dhéanamh ar dhuine. Neamh-umhal a dhóthain do bhí sé ag tabhairt na hearra dhom nuair bhraith sé ná raibh airgead síos agam: righin, mall, leasc. Budh neamh-umhal le ceann na scoile a bhí sé is ruaig é: neamh-ómósach: gan riaghlacha is uile do leanamhaint mar budh cheart. Buachaill neamh-umhal ná déanfadh lán do bhaise ort: ná déanfadh faic a iarrfá air nó a theastóchadh uait. Budh neamh-umhal leis mar ghluaiseas: righin, neamh-thoilteanach. Inchinn neamh-umhal atá agam, fairír, ní raghadh faic ina luighe choidhche innte: neamh-éascaidh: neamh-thógthach. An-neamh-umhal a bhí sé ag síneadh an airgid uaidh, árd-ghreim aige air: leasc: neamh-thoilteanach.

neamh-umhalta: *a.n-dh.* neamh-bhéasach, neamh-mhúinte; neamh-ómósach. Leanbhaidhe neamh-umhalta dá muinntir iad, chuirfidís dearg-náire ort, an tslighe

thugaid gach re seadh dá muinntir: neamh-ghéilleamhail dá dtoil. Ó, Dia liom! ná labhair chómh neamh-umhalta san lé héinne go bhfuil buannacht chainnte aige ort: mí-bhéasach: deiliúsach agus tagartha. Na tíortha san go léir atá gabhtha aice ná fuil a fhios ag do chroidhe go bhfuil na daoine ionta neamh-umhalta dhi, gur dá n-aindeóin atáid ag géilleadh dá dlighthibh: leasc, achrannach gabháil lé n-a reachtaibh. Duine neamh-umhalta: ceanndáine, dochmamhail ar rud do dhéanamh ná táithneóchadh leis. Iomchar neamh-umhalta: iomchar olc.

neamh-umhlaidheacht: *b.3.* ceal umhlaidheachta, ómóis, measa, géillte, deaghthola. Leis an neamh-umhlaidheacht a dheineann sé an uile nidh istigh sa charcar: gan fonn ar bith: i gcoinnibh an ghráine. B'é crích a tháinig ar a neamh-umhlaidheacht ar scoil gur ruaigeadh é: ceal measa nó géillte dos na rudaidhibh gurbh é a dhualgas a ndéanamh. A neamh-umhlaidheacht do Dhia, gan chuimhneamh air ó cheann ceann na seachtmhaine: ceal measa agus onóra dho.

neamh-umhlóid: *b.2.* neamh-mheas; neamh-umhlaidheacht; neamh-urraim; neamh-ghéilleadh. Lé neamh-umhlóid dom do sheasaimh idir dhá lidhe an dorais im bhealach: mí-mheas orm. Lé neamh-umhlóid don gcúirt ní bhainfeadh sé a bhairéad de is í ina suidhe: ní theasbháinfeadh sé an méid sin measa dhi. Aon rud a iarrfainn uirthi a dhéanamh is amhlaidh iompuigheann a srón anairde orm, maran b'shin neamh-umhlóid agat: neamh-mheas.

neamh-umhlóideach: *a.* neamh-mheastamhail (ar), neamh-umhal (do); neamh-urramach. Bíonn sé neamh-umhlóideach ar gach saghas slighe, a bhóthar féin aige i gcómhnaidhe det aindeóin: neamh-urramach: neamh-thoileamhail: ceanndáine. Neamh-umhlóideach ina spirid do Dhia: gan an t-ómós atá ag dul do.

neamh-urchóid: *b.2.* neamh-chóir, neamh-mhalluightheacht; neamh-olcas; neamh-dhíoghbháil. Is aige atá croidhe na neamh-urchóide: is é is fada ó mhachtnamh uilc ná díoghbhála: ionracas aigne. Dá mbeadh an neamh-urchóid ann ní dhéanfadh sé aon rud chómh fealltamhail leis, ach do bhí an mío-rún go doimhin ann: glaineacht aigne is so-chroidheacht. Neamh-urchóid duit beagán dighe, urchóid mhór breis: neamh-dhíoghbháil, neamh-dhíth. Sé súil a bheadh agam lé maith uaidh an tsúil do bheadh agam lé neamh-urchóid ón ndiabhal: neamh-dhíoghbháil: súil ar bith.

neamh-urchóideach: *a.* neamh-mhalluighthe; neamh-dhíoghbhálach; neamh-dhroch-aigneanta; neamh-chlaonta. Leanbhaidhe neamh-urchóideacha a tógadh riamh sa tigh sin amuigh ná i mbaile níor chuireadar cruisteach ar neach: saontach: mánla: gan chlaonadh aigne. Bí neamh-urchóideach, cuideachta shuairc í seo: neamh-mhalluighthe: ná bíodh fonn uilc ort. Cailín neamh-urchóid ná smaoineann díoghbháil éinne: gan aon droch-aigne aice.

neamh-urchóideacht: *b.3.* neamh-mhalluightheacht croidhe; neamh-dhíoghbhálacht; neamh-chlaontacht. Is iomdha san cao a fuair sé ar dhíth do dhéanamh dá namhaid, ach lé neamh-urchóideacht an duine do scaoil sé tharais é: a fhéin-mhacántacht. B'fhuraiste dho

achrann do dhéanamh eatartha mar is iomdha rún a bhí aige ortha ach lé n-a neamh-urchóideacht d'fhan sé ina thost: macántacht agus fonn síothchána.

neamh-urraim: *b.3.* neamh-mheas, neamh-ómós, neamh-áird; neamh-chádhas; neamh-onóir. Nuair bhís óg id bhleaigeáirdín agus neamh-urraim agat d'óg is d'aosta a rádh ná beadh anois: neamh-onóir: gan mheas agat dóibh. An neamh-urraim a thugann san dá mhuinntir, mar a chéile dhóibh bheith ghá chómhairleach nó ag cómhairleach muice: neamh-umhalaidheacht: neamh-chóimhlíonadh a dhualgais. Lé neamh-urraim don eaglais ní shléachtfadh di ar ghabháil thar brághaid do: ceal an méid sin onóra agus umhalaidheacht chríostaidhe. Obair Dhomhnaigh neamh-urraim don saoire: neamh-áird uirthi. Neamh-urraim do Dhia agus don eaglais bairéid do chaitheamh innti: neamh-chádhas: neamh-mheas thar barr ar fad.

neamh-urramach: *a.* neamh-mheastamhail (ar), neamh-ómósach, neamh-chádhach, neamh-ghéilleamhail; neamh-umhal; neamh-ghalánta. Bíd neamh-urramach dom, bíd ag feadghail is ag faoidhrigh fúm: neamh-mheastamhail orm. Budh neamh-urramach duit é d'éiteach tar éis a bhfuil déanta aige dhuit: neamh-onórach: ní haon chúis creideamhna dhuit é. Ní rabhamar riamh, ár bhfurmhór ach go háirighthe, ach go neamh-urramach do Sheán Bhuidhe sa dúthaigh seo: neamh-ghéilleamhail dá ndlighthibh agus neamh-mheastamhail ortha. Cuireann sé a dhubhshlán fúm, tá sé chómh neamh-urramach san dom: neamh-spleádhach orm: mímheastamhail.

neamh-urramanta: *a.n-dh.* gan mheas (ar); gan onóir (do). Is me atá go neamh-urramanta sa cheanntar so fé láthair, ní mor go mbeannóchadh na daoine dhom: gan ómós ná meas dom. Siad an tsean-lánamha neamh-urramanta iad gan tor madra ge n-a gclainn ortha: gan an onóir atá ag dul dóibh do thabhairt dóibh.

neamh-usacht: *b.3.* neamh-réidhe; deacracht. Is mó an neamh-usacht atá ag baint leis sin 'ná mar is dóigh leat, níl sé leath chómh sonaoideach. Bheadh truagh agat a neamh-usacht a thagann an uile nidh ar an aindeiseóir: neamh-shonaoidighe. Neamh-usacht teacht suas leis an airgead a mhilleann me: a éaluightheacht: a dheacracht a ghnóthughadh.

neamh-úsáid: *b.2.* neamh-áis; neamh-fheidhm. Ar an neamh-úsáid atá agam-sa dhe árduigh leat é má tá aon ghnóth agat de: neamh-áis: neamh-fheidhm: gan é do chur chun feidhme do bhaint as. Neamh-úsáid dom bheith annso, níl faic lé déanamh agam ann: ní haon mhaith dhom. D'imthigh an caladh chun neamh-úsáide nuair theip an t-iasc: gan aon mhaith ná tairbhe do bhaint as. Budh mhaith an fear é mara mbeadh an neamh-úsáid do fuair sé: droch-úsáid: déanamh neamh-chóir.

neart: *f.1.* cómhacht, cumas, gustal, acfuinn; flúirse; dóthanacht; eólgaiseacht, oilidheacht; tréine; sluaighte catha; brigh, treise. Trí neart na taithighe ar an mbealach abhaile ní chuirfeadh ceódh ná doircheadas amudha é: méid. Tagann neart feirge air go bhfeicfeá na féitheanna ag éirighe amach ina mhuineál is ar a éadan: racht feirge. Tá neart eólais ar an gcathair aige: taithighe ar na sráideannaibh, na daoinibh is ar a slighthibh. Tástáil airís, níl gníomh do nirt déanta fós agat: an iarracht is treise ionat. Lé neart na haithne a bhí agam air féin agus ar a gheámaidhibh ní raibh lúb ina bholg nár bh'eól dom:

méid is iomadamhlacht. Beann ar bith níl aige sin ar bheith ag caitheamh, tá neart airgid aige: a dhóthain mór agus breis. Má tá sé de neart agat ar theacht chugham theastófá go cruaidh uaim: eaga: dá bhféadfá eaga d'fhagháil. D'imthigh sé uaim, ach ní raibh neart agam air: aon leigheas. De bharr nirt chaith sé an chloch mhór thar claidhe: méid a acfuinne. "Ní neart go cur lé chéile": nuair bítear ar dícheall agus i gcómhchabhair seadh is cómhachtaighe an iarracht. Ghaibh an bás an neart air mar gheóbhaidh orainn go léir: an lámh uachtair. Feicimís ár neart: tástálaimís céagainn is láidre. "Ná héilimh (éiligh) do cheart go bhfeicir do neart": ná bí d'iarraidh ruda do bhaint amach mara mbrathair láidir do dhóthain thu féin. Ní haon mhaith dhuit bheith d'iarraidh nirt d'fhagháil ar an ngalar so ar do chosaibh, caithfir luighe leis: gabháil lastuas de: é do chur fé chois. "Is mór an truagh an ceart nuair bhíonn sé gan neart": nuair nách féidir é do bhaint amach lé gníomh má heitightear é. Neart sicín níl ionam tar éis mo lae: an-lag ar fad. B'olc an fear é nár fhuascail do stoc ós na báillidhibh is neart aige ar é do dhéanamh: cómhacht nó gustal. "Neart a ritheann agus mire a léimeann": gus a bheith buan. Cuirfidh an lá so neart alluis libh, mar tá an saoiste chun sibh d'oibriughadh go neamh-thrócaireach: allus ina shlaodaibh. Claoidheann neart ceart: is cuma cá cóir do chás, má bhír ró-lag buadhfar ort. Iad so go raibh neart aca agus ciall aca do bhailigheadar lón sara dtáinig an gannchúis: go raibh a bpóca teann a dhóthain. De neart reatha do bhuadhaidh sé ar gach éinne a thagadh treasna air: de bharr: de mhéid is feabhas. Chuadar ar neart: thástáladar a ngaisce géag lé chéile. Dá mbeadh neart mo ghéag agam-sa ní bheadh mo ghnóth gan déanamh: lúth agus brigh. Cuir neart id bhuille: buail níos treise. Leig léd neart air: ná staon a bhfuil ionat do dhéanamh. Má chuirir uisce sa bhainne bainfir an neart as: lagóchair é. I neart a bhí sé ag dul i bhfaid chúrsa na dórnála: ag dul i bhfeabhas. Lé neart na díth céille d'fhág sé an áit sheascair: a bheith imthighthe gan puinn di. Níl aon rud a chuirfeadh sé roimis ná go ndéanfadh sé lé neart aigne: daingneacht inntine. Neart an droichid: righineacht is buancas. Níl a neart fear sa luing: a coisce: an méid a bhíos ag tastáil. Neart a grádha dhom: líonmhaireacht. Caithfead éisteacht ag neart t'áitimh: bríoghmhaireacht: cómhacht chun na cainnte do chur ina luighe orm. Lé neart na ndúnta budh dheacair maidhm do dhéanamh: daingneacht: cómhacht achmhaoine. Cuirfidh an áit fholláin seo neart capaill ionat: beir an-láidir ina dhiaidh. Go raibh neart triúir it iarracht: aon eitim a thugair go raibh sí go sár-bhríoghmhar. "As bhéal na naoidhean agus leanbh na gcíoch d'órduighis neart de bhrigh do namhad ar chor go gcoiscfeá an namhaid agus an díoghaltóir" (Sailm VIII. 2): cómhacht. "Agus aithnighim go slánuigheann an Tighearna a ungthach, cluinfidh sé é ós na flaitheasaibh neamhdha lé neart dídin a láimhe deise" (Sailm XX. 6): lán-chomhacht. "Annsan adubhairt mise, is fearr eagna 'ná neart, tharais sin tarcuisnighthear eagna an duine bhoicht agus ní héistear a bhriathra" (Ecc. IX. 16): breith chiallmhar. "Ní ghaibheann neart ceart, is ní bhfaigheann fear lag cóir ná ceart" .i. is minic nách ag an té a bhíos láidir a bhíos an ceart ach an té ná bíonn láidir níl aon chao aige. Tá neart ceart ann, nó mara bhfuil is bréag a ghuailne is a imtheacht: tá sé de dheallramh air bheith árd-láidir ar fad. Cé shamhlóchadh leis go mbeadh sé ann é do dhéanamh, bhí an neart ina chodladh ann: cómhacht.

neartmhaire: *b.4.* ar aiste nirt, feidhme, brighe. De neartmhaire a ghéag a shaothruigh sé a mhaoin, ní hamhlaidh do bronnadh air í: de bhrigh: d'fheidhm. Budh dheacair a neartmhaire do chlaoidheachtaint: an neart is an fulang buan a bhí ann. Ag dul i

neartmhaire, go mbeidh sé chómh dubh lé lionn dubh, a bheidh an té dá fhaid fágtar ag tarrac é: ag dul i láidreacht is i mbríoghmhaireacht.

neartmhar: *a.* léidmheach, cómhachtach, cumasach, bríoghmhar. Cómhacht neartmhar an Ghearmáin, an méid tíortha atá troidthe aice agus an fulang 'san buancas atá innte: léidmheach: éachtach. An dóigh leat go bhfuilir neartmhar go leór chun gabháil tríd an gcruadhtan so?: go bhfuil an brigh is an mianach láidir buan ionat. Gaoth neartmhar adtuaidh ag léasadh na luinge: láidir: dian-fhuinneamhail. Níl sé neartmhar .i. níl sé ar fóghnamh sláinte.

neartughadh: *f.* (*-uighthe*) do láidriughadh, breis chómhacht, chumais do theacht (i); feabhsughadh; tacughadh, dearbhadh (lé). Ag neartughadh atá an lá: ag feabhsughadh ar olcas. Tá sé ag neartughadh aniar: breis mhór ghaoithe ag teacht as an áird sin. Táim ag neartughadh go raibh míle maith agat: ag dul i bhfeabhas go mór (tar éis) breoidhteachta. Labhair go dána neamh-mbalbh leis, déanfad-sa neartughadh leat: cuideóchad leat: déanfad tacaidheacht léd ráidhtibh. Ag neartughadh atá an oidhche, tá sí an-fhiadhain anois: ag dul ar bun atá. Beir ag neartughadh as so suas ó tá an aimsir bhreágh againn, fuairis teog trom: do shláinte ag teacht duit. An fhínéacht atá tugtha uaidh aige tá neartughadh agam-sa uirthi mar bhíos láithreach, is í an fhírinne ghlan í. An neartughadh do dhéanfá-sa leis?: an amhlaidh bheifeá ag éirghe thiar as a thóin?: cabhrughadh. Neartughadh ort! mo chroidhe thu, is aoibhinn féachaint ort ag déanamh ruda: breis fheabhasa go dtéighidh ar do ghníomh. Chun neartuighthe a cuirtear cliath lé cnámh briste: tacaidheacht: é do choimeád i dtreó agus go snaidhmfeadh sé airís. Ag neartughadh fén bhfalla: do chur taca thíos fé chun ná tuitfeadh. Chun me do neartughadh i meisneach a bhí sé ghom mholadh mar sin: breis mheisnigh do thabhairt dom. Lé neartughadh an bhachalla ní raibh an oiread oibre uirthi: ar theacht do choinghleacht oibre ann. Lé neartughadh na gréine éirigheann an beacha amach: ar theacht de bhreis teasa innte. Dá mhéid cómhairle leasa a gheóbhadh sé is ag neartughadh air a bhíonn: ag dul i méid a bhíos sé ar aimhleas.

neartuighim: *b.a.* ₇ *n-a.* tacuighim; téighim i neart; dearbhuighim lé; méaduighim i gcumas nó i gcomhacht. Neartóchair leis an aimsir, tabhair eaga dhuit féin, cuimhnigh go rug iomard trom ort: tiocfaidh breis bhrighe, folláine agus sláinte chughat. Go neartuighidh Dia leat: go né tacaidheacht leat: go gcabhraidh go foirtil leat. Nára neartuighidh an lá orainn, má neartuigheann, is tinn dúinn: nár né sé in olcas in ár gcoinnibh. Neartuigh leis an gcloich sin: cuir taca léi. Neartuigh (annsan): teann (téad etc.): cuir breis acfuinne ann, breis tacaidheacht léi. Neartuigh do lámh chlé: cuir breis struis uirthi. Duine ag tabhairt ruda uaidh, déarfí leis, neartuigh .i. cuir breis ann. Ag rámhaidheacht déarfí, neartuigh ar an láimh dheis .i. rámhaidh níos láidre léi seachas an lámh eile. Is mór mar neartuigh an dream san fútha san áit, siopa beag a bhí ar dtúis aca anois tá an tsráid mar ritheann sí aca nách mór: chuadar i dtreise maoine is sealbha. Aon líon tighe amháin díobh a bhí annsan dathad bliadhain ó shoin, anois tá na sluaighte dhíobh ann, sin mar neartuigheann treabhacha áirighthe: méaduighid is téighid i líonmhaireacht. In ionad maoluighthe do dhul ar an bhfíoch aige is amhlaidh do neartuigh air aige: do mhéaduigh. Sin é, neartuigh-se leis an éitheach i gcómhnaidhe is maith chuige thu: dearbhuigh leis: tacuigh leis. Neartuigheann gach éinne lé n-a dhuine féin:

tacaigheann: seasann ar a shon. “Acht aithin d’Iosua, agus cuir meisneach ann, agus neartuigh é etc.” (Deut. III. 28): láidrigh é: daingnigh ina rún é. Neartuigheadh an cuan ó shoin, cuireadh dúnta cosanta ar dhá thaobh a bhéil: daingnigheadh é. Lé linn a ghábhtair is minic do neartuigh sé léi gur thug biadh is airgead dhi: chabhair sé léi. Neartuigh thiar as: gríos é.

neascóid: *b.2.* siat atuighthe, cruaidh, tinneasach; cneadh; crádh, cráidhteóir. Barra méire ní leómhfainn ar an áit sin tá sé chómh tinn lé neascóid: árd-thinn agus lán-leochaileach. Deirtear lé duine a bhíos ag gearán fé aonnidh (go neamh-cheart go minic) agus go scéidheann fáth a ghearáin air, “brisis féin do neascóid”: d’innsis dúinn fáth an ruda a bhí ag déanamh na buadhartha dhuit. Neascóid dhom seadh thu, táim clipighthe agat ó mhaidean indiu gan sos ar do chníopaireacht: cráidhteóir. Fantar amach indiu uaidh, tá neascóid air, ní haon dóighthín é: tá rud éigin bun os cionn go bhfuil sé chómh goirgeach san. “Annsan do chuaidh Sátan amach ó láthair an Tighearna agus do bhuail Iób le neascóididhibh doilghe ó bhonn a choise go bathas a chinn” (Iób II. 7): rudaidhe tinne go raibh othar asta. Cuirir neascóid im chroidhe tú bheith chómh meisceamhail: doigh dhuairc. Brisfidh ar an neascóid fós aige, faghadh sé eaga: an rud atá ghá dhóghadh is dhá chiapadh laistigh scaoilfidh sé amach é.

neascóideach: *a.* lán de neascóididhibh nó de shiataibh; dubhach, cráidhte. Muineál neascóideach aige: scata dhíobh air. Is deacair labhairt ná teangmháil leis na leatheannta so, tá sé chómh neascóideach is bhí duine riamh ó imthigh a bhean uaidh: cráidhte, coimhtheach, do-chainntighthe.

néata: *a.n-dh.* gleóidhte, gasta, caithiseach, blasta, deas, miochair, modhamhail, soilbhir. Nách néata an chulaith í sin air, ní fhéadfá gan í do shuimiughadh: gleóidhte, gasta, deigh-chríochnuighthe. An-néata do bhuailis é leis an urchar san: cruinn, gasta. Níor néata liom aon rud ’ná éisteacht lé ceól maith: blasta: a chuirfeadh an oiread soilbhre orm. Cailín is néata rinnce budh dheacair d’fhagháil, nách múnla báid chómh néata san go stadadh na sluaighthe ag féachaint uirthi sa bhfuinneóig: déanta chómh cúmtha, gleóidhte sin. Dar fiadh, is néata an bhróg í sin, is maith an lámh a dhein í: gach pioc di córach, slachtmhar. Labhair sí go néata leis, chómh séimh agus b’fhéidir lé duine: miochair: modhamhail. Seólann an bád san go han-néata: go líomhtha. Oibridhe néata: duine a ghníos a ghnóth go slachtmhar. Óráid néata: snasta, cómhgarach: iomlán blasta.

néatacht: *b.3.* gleóidhteacht, blastacht, deiseacht, soilbhreacht, snastacht, caithiseacht. Thoghfá as na céadtaibh na bróga san lé n-a néatacht: slachtmhaire: córaidheacht is críochnughadh i ngach pioc díobh. Néatacht a seólta go bhfuilim ag féachaint air: a mhaiseamhlacht agus a shnastacht atáid críochnuighthe i ngach mír. Néatacht a coise ag rinnce: gleóidhteacht: an chuma bhlasta go gcorruigheann iad. A néatacht a bhíonn sí gléasta: gach cuid dá héadaighibh cóirighthe, socruighthe go neamh-lochtach ar a corp. A néatacht a bhíonn a tigh aice sin do b’fhiú dhuit féachaint air: a thaithneamhaighe is bhíonn gach rud curtha i dtreó aice. Budh bhreágh leat bheith ag éisteacht lé néatacht a béil: a dheise agus a cheólmhaire do chuireann cainnt di. Náire chun do néatacht, féach ar an salachar ’san smúit sin ar fad: is neamh-ghasta an duine thu chun treó ceart do chur ar ghnóth.

neimh: *b.2.* aon rud organta nó neamh-organta ar n-a thógaint ’on chreat a mháchailigheas nó a mharbhuigheas an bheatha; aon rud a bheadh máchaileach, urchóideach nó díoghbhálach don sláinte; aon rud a neamh-réidhtigheas go tréan lé duine; guilm; gráin; brón, doigh; fuacht géar; goimh; binib; acais; goirge. An neimh atá im fhiaclaibh: góireacht péine nó fuachta a théigheas tríotha go préimh. Tá neimh sa lá indiugh (ghaoith, bháistigh, aer etc.): fuacht géar a gheóbhadh tríot isteach. Ní maith liom neimh a teangan: a géire: faobhar. Is fuinneamhail é, tá neimh ar gach aon phioc de: tá sé beó aibidh. Seachain thú féin air, tá neimh air, go saoraidh Dia sinn ar an barrghail feirge do theacht air aon nóimint: mianach aibidh ann. Deirtear lé duine a bheadh ag mallachtughadh nó ag eascuinghe, “neimh do bhéil id bhrághaid”: id scórnaigh go raibh toradh t’oirbhire. Ní lugha orm an neimh ’ná é: tá an ghráin agam air. “Ná tabharfá dho é?” – “tabharfad – neimh!” rud éigin a chuirfeas deireadh leis. Ar bhfeicsint do a raibh de dhearmhadaidhibh déanta agam chuir sé súil nimhe thríom: thug sé amharc orm a gheobhadh tríot lé mío-shástacht. Budh gheall lé saighead nimhe ag cur de é bhí an oiread san siubhail fé: bhí siubhal na gaoithe fé. Saighead nimhe níor mheasa liom im bhrághaid ná míchéadfadh uaidh: slat chaol, dhíreach go gceann cleiteach agus é marbhthach. Tá sé ag teacht ina shaighid nimhe: siubhal uathbhásach. Táim ar bearaibh nimhe ag brath ar a fhilleadh, tá sé ar iarraidh lé seachtmhain: ar cipínidhibh: suaidhte, cráidhte. Tá an neimh sa bhfeóil aige dhuit: tá an ghráin mhairbh suidhte go doimhin aige dhuit. Anois díreach a bhíomair ag cainnt ort agus buailir chughainn isteach mar bheadh an neimh ar an aithne: mar bheadh eolas t’ionaid ar an uain sin chómh géar san in ár n-aigne. Tá sé chómh géar lé neimh: gheóbhadh tríot go smior. Caith uait é sin tá neimh air!: tá sé díoghbhálach é do chaitheamh. Fair ag obair é, tá neimh ar gach aon órdlach de: láidir, fuinneamhail, pras. Thabharfadh san neimh duit, tá an diabhal air: duine conntabharthach é. “An rud is biadh lé duine is neimh lé duine eile”: an rud a thairbheóchadh do dhuine do mharbhóchadh sé duine eile. Neimh nimhe go né sé dhom má bhlaisim é! deoch uathbhásach, díoghbhálach: é ghom mharbhadh. Seachain tú féin ar an sciain, tá neimh uirthe: faobhar an-ghéar. Cuir ós cionn na teineadh an t-uisce go mbaintear an neimh as: an fuacht as. Níl ach a rádh go bhfuil an neimh as an uisce: níl mórán fuachta bainte as. “Is é a bhfíon neimh na ndragún agus neimh mharbhthach na bhfoilcheasáin” (Deut. XXXII. 33): deoch mharbhthach. Fuadar nimhe fútha ag obair de ló agus d’oidhche ag déanamh armála: iad ar a ngéir-dhicheall: ag saothar ar dalladh.

neimheamhail: *a.* deasca na nimhe; goimheamhail; gráineamhail, géar; gonta. Lá neimheamhail anoir: fuar, feannaideach. Duine neimheamhail dob eadh é dá mbeadh sé id choinnibh: díomasach, droch-aigeanta. Fuaireas an t-uisce chómh neimheamhail sin nuair shádhas mo mhéireannta ann gur shaoileas go dtuitfidís díom: géar-fhuar. Labhair sé go neimheamhail ort, níor fhág sé aon rud budh mheasa ’ná a chéile dár cheap Dia nár chas sé leat: díomasach: droch-aigeanta. Níor mhaith linn léasadh ó n-a teangain, tá sí ró-neimheamhail aice: gearrthach: goirtightheach: gonta. Riamh níor imthigh an clár dá bhosca go dtí so, ní raibh sé riamh chómh neimheamhail chun oibre is airgid do dhéanamh: an oiread saothair air chuige. Maidean neimheamhail: an-fhuar ar fad.

neimheamhlacht: *b.3.* géire, guilme; gontacht, tolltach; fuaire. Ní oidhche ró-bhreágh í, tá neimheamhlacht sa ghaoith atá ann: géire fuachta. Is mór liom an neimheamhlacht atá

san uisce chun dul ar snámh: cealg: dúilidheacht an fhuachta. Is ar a teangain atá an neimheamhlacht, chuirfeadh sí ar crith thu: gontacht. Ní fhéadfá muinghin do chur aiste ná go mbeadh sí sa mhullach ort, tá an neimheamhlacht innte: an bhinib.

neimheanta: (**nimheanta, níonta**) *a. n-dh.* gomhamhail; géar-ghonta, guilmeach. Gach focal neimheanta dá sileann uaithi do dhéanamh achrainn ameasc na gcómharsan: díoghbhálach: goirtightheach: guilmeach. Ag coin do bhíonn na fiacla neimheanta, dá mbeireadh ort bhrathfá freangaidhe is ríoga tinnis i bhfad ina dhiaidh san. Ná labhair chómh neimheanta san liom-sa mar ná fuilingeóchainn uait é: chómh gomhamhail, géar.

neimhneach: *a.* marbhthach, díoghbhálach, acaiseach, "dubh", gráinmhear, tinn, piantamhail; díomasach; géar; colgach; fíochmhar; malluighthe. Thug sé buille neimhneach don asal bhocht: marbhthach, neamh-thrócaireach. Ná labhair chómh neimhneach san, tuigfead i bhfad níos soiléire thu ar labhairt socair, miochair: fíochmhar: dian. Ghaibh an ghaoth neimhneach tríom mar ná raibh orm ach éadach éadtrom: géar, gomhamhail, tolltach. Mo chreach neimhneach! ná rabhas-sa ann, is beag cruisteach do cuirfí ort: is é an truagh choidhche é. Dá mbeadh an chloch sa muilchirte aige dhuit, choimeádfadh ann choidhche í, tá sé chómh neamh-mhaithteach, neimhneach san: an t-olc ina chroidhe chómh mór san. Nách neimhneach an diabhailín leinbh í ná stadfadh de ghol is de thormas: cráidhteachán gan smacht. Mo lámh neimhneach a dóthain mar a ndeaghaidh an tairnge ionam: tinneasach: piantamhail.

neimhneachas: *f.1.* gomhamhlacht; binib, géireacht (pian etc.); gráinmhearacht, déine, fíochmhaireacht; olc; díomas; urchóideacht. Ghá chur chun neimhneachais do bheir ar bith ghá ghiobadh: chun breis fíochmhaireachta. Níor fhág an neimhneachas riamh é, ní fhuilngeóchadh sé féachaint air: an t-olc: an díomas aigne: déine gráine. Is breágh liom neimhneachas do chur air, is binn liom gach aon léim aige lé binib. Ní cuideachta d'éinne é, gaibheann an neimhneachas an barra buadha air: an droch-mhianach: an fonn achrainn. Lé neimhneachas an teasa aon rian oibre ní fhéadfá do dhéanamh amanna den lá: déine is géire.

neódar: *f.1.* faic, aon rud. Tar éis mo shaoghail níl neódar agam: bocht, dealbh.

neóin: *b.3.* (*iol.* neónacha) casán fé thalamh; uaimh. B'fhearr liom maireachtaint thíos i neóin 'ná bheith ag bruic libh: fé thalamh: in aon áit ach a bheith uaibh. Daoine neón dar lé cuid mhór fén dtuaith dob eadh na Danann: a mhaireadh fé thalamh is atá fé dhraoidheacht fós ann.

niamh: *b.2.* néal, gile, gléas, áilne, deallramh breágh. Thabharfá fé ndeara niamh na sláinte ag teacht ina leicne airís tar éis an chatha (breóidhteachta) úd: lí: dath. Ím éachtach gan aon amhras, bheadh a fhios agat san gan é do bhlas in ao'chor, tá niamh an óir ann: dath, lí. "A bhean is áilne niamh, is tú do chráidh me im chliabh": is áilne datha, srl. Folt ruadh atá uirthi is niamh fhionn ann: ádhbhairín de lonnradh an datha san. Mo ghrádh do ghéaga, a bhean, is iad t'áraistidhe go bhfuil an niamh ionta lé glaine, ní mór ná go mbearrfainn me féin ionta: gléastacht: siag.

niamh-: *i gcfhbh.* glan, glé, léir. A fhallaidhe niamh-bhána i gcóir na Nodlag: aol go flúirseach is go dathamhail fútha. Cá bhfuil an niamh-áilne innte go mbeinn bodhar agaibh leis?: áilne thar barr. Is agat atá an niamh-árus annso budh bhreágh liom cómhnaidhe ann: árus aoibhinn, taithneamhach. A niamh-bhean, aithris dom fáth do chaoidhe: a bhean thaithneamhach. Tá mo chroidhe is m'aedheanna leathta ar do niamh-bheanna, a Éire: cnuic thaithneamhacha, áilne, deagh-amhairc. Bean ar m'eólas níl chómh niamh-chrothach lém ghrádh féin: is seanga 'sis sciamhla deallramh. Nách é an niamh-chúrsa ráis é, budh dheacair a shárughadh: cúrsa an-bhreágh ar fad. Nách niamh-chluasach an t-ainmhidhe beag luch: an-chúmtha, an-ghleóidhte. Is í is niamh-chneasaighe ar m'eólas: is glaine, dathamhla is sláinteamhla croiceann. An ceann niamh-chiabhach atá uirthi: go bhfuil lonnradh ina dhath. Níor ghábhadh in ao'chor an seanbhád bheith chómh niamh-dhathamhail agat: gléastacht is lonnradh ina dathannaibh. Is í an ghruaig is duibhe dá bhfeaca riamh í, tá sí niamh-dhubh: gléas lé duibheacht innte. Is iomdha niamh-dheoch do chaitheamair sa tigh sin seal: deocha sóghamhla. Crann (hata) niamh-dhuilleach: duille (duilleóga) taithneamhacha air. Má chuala riamh niamh-eachtra, dob í í, ní thuirseóchainn choidhche de bheith ag éisteacht léi: eachtra aoibhinn iontsuime. Á, dá mbeadh an cumas agam ar na niamh-earraidhe sin ar na fuinneógaibh do cheannach: earraidhe taithneamhacha. Na niamh-fhabhraidhe dubha atá uirthi: lonnradh ionta lé gléineacht an datha. Tá niamh-fhéachaint ag an bparóiste ó shlios an chnuic: deallramh taithneamhach. Budh cheart do stroilleóig mar í niamh-fhear mar tá pósta aice do bheith aice: fear maith ar gach cuma. Á mhuise, mo chuisle thu is tú a thug an niamh-fhreagra ar an ndailtín an uair úd nár fhan smiog aige: cliste, brúighte. Niamh-fhóidín an áit go bhfuil mo bhothán ar bhruach na mara: áitín ghleóidhte go dtuitfeá i ngrádh leis. Niamh-ghile na gainimhe is mór an tuath do cuirtear innte: geal gléigeal a dath. Tabharfad-sa niamh-ghlanadh dhuit-se, a chorcáin dhuibh, is tabharfadh cuma ghalánta ort: glanadh go mbeidh néal lonnrach ann. Níl ógánach sa pharóiste ná go bhfuil ag tnúth leis an niamh-ghein mná óige seo againne: cailín árd-thaithneamhach. Tar éis ceódhmharáin bíonn dath niamh-ghlas ar an slios san sall ar mhaolughadh an tráthnóna: a ghlaise an-shoiléir. Niamh-ghlaise na hÉireann iongadh gach éinne: glaise ghlé, bhorb, lán-dhathamhail. Cainnteóir niamh-labhartha a chuirfeadh binneas ar do chroidhe: líomhtha, caoin-bhriathrach. Tá leabhar eile amuigh lé déidheannaighe go bhfuil niamh-leagan den scéal céadna ann: aithris an-bhreágh. Is fada go leigfinn-se d'éinne barra méire do bhualadh ar mo niamh-leanbh, tá a mhalairt de chion agam air: leanbh breágh, gleóidhte, deas. Bórd niamh-leathta fé gach saghas bídh: é cóirighthe i slighe a shásochadh súil an té budh cháiréisighe. Sin é scéal is niamh-léirighthe dá gcuala riamh: is fearr agus is binne eachtruighthe. Cuirfear niamh-lón ar bórd chughat: so-amhairc agus so-bhlasta. Niamh-mhac Dé go saoraidh sinn: mac iongtach, éachtach, grádhamhail. Ó ghruadh an tsléibhe do bhí radharc agam ar niamh-mhachaire sínte uaim faid mo shúl, talamh saidhbhir torthamhail is tighthe geala aolmhara: a thógfadh do shúil lé n-a thaithneamhacht. Is geal liom bualadh led niamh-phearsain .i. duine crotamhail, subháilceach. Ná habair dada, táim ar mhuin na muice má fágtar mar sin me, tá niamh-obair agam: obair a shásóchadh éinne lé saoráid is seascaireacht. Is maith an gáirdín é, an niamh-thoradh atá air: toradh saidhbhir, trom.

niamhach: *a.* geal, lonnrach, gléasmhar, sciamhamhail, slíogtha, slíomtha. Níl aon árus ina cistinn ná go bhfeicfeá tú féin ann, nách mór, tá siad chómh niamhach san lé glanchar is cuimilt: slíogtha, gléasta. Níl cuma ró-niamhach ar (chnoc) Bhréanainn anois tá

scamall ceóidh air: sciamhail, lonnrach. Uachtar niamhach ar an sean-throscán so: slíomtha, gléasta.

niamhaim: (**niamhuighim**) *b.a.* dathuighim, óruighim, lonnruighim; gealaim, slíogaim, slíomaim. Do niamhuigh an ghaiste bhán san na fuinneóga: thug breis scéimhe is datha ortha. Niamhann gráine aoil fallaidhe mo shean-bhotháin: tugann sciamhlacht datha ortha. Nách aoibhinn mar niamhann fuineadh gréine Ceann Sraithe: na dáthanna éagsamhla fíor-áilne a thugann do. Do niamhuigheadh, féach, faobhair billeóg an leabhair: do cuimleadh ór leachta dhíobh. Ní niamhuigheann an pleidhce hata san in ao'chor thu, caith dhíot tapaidh é: ní bhreághthuigheann: ní thagann sé dhuit.

niamhair: *a.* scéimheamhail, dathamhail; so-amhairc. Cé ná rabhais ró-niamhair riamh is tú budh dhathamhla ar an líon tighe: so-amhairc lé féachaint air. Dá bhfeictheá an chuma niamhair a bhí an hata curtha ar a ceann aice: néata, gasta: gleóidhte. Is niamhair liom thu ar mh'anam taidhbhsighir go gleóidhte, gasta dhom. Bean niamhair: bean go gcuma galánta is í dathamhail. Budh dheacair é d'fhagháil níos niamhaire: níos taithneamhaighe leis an súil: níos aoibhne.

niamhamhail: *a.* geal, lonnrach, solasmhar. Pé slighe atá an deoch lé n-ól, tá sí niamhamhail go maith sa ghloine: deagh-dhathach: ruithneach. Ní maidean niamhamhail í chun dul in aon áit: geal ná solasmhar. Lá breágh taidhbhsigheann sé chómh niamhamhail lé háit ar bith, féach ar an muir sin ar dhath an óir, budh dhóigh leat gur ór leachta í, ar ghuirme na sléibhte, ar ghlas-uaithneacht na talmhan: scéimheamhail, aoldha.

niamhar: *f.1.* gile, lonnracht, néatacht, sciamhamhlacht, gléineacht. Ní mór an niamhar ag baint léi, geallaim dhuit go bhfuil sí chómh buidhe, smeartha liom féin: gile, finne. Niamhar na mara nuair bhíonn neart is taithneamh na gréine uirthe: gile: lonnardhacht.

niamhrach: *a.* néata, gléasta, taithneamhach, lonnardha, sciamhail, áluinn, so-shuimeamhail. Nách niamhrach an blúire beag de ghearrchaile í: gleóidhte, néata, triopallach. Bíonn fuinneóga shiopaidhe na gcathrach go niamhrach um Nodlaig lé soillsibh ioldhathacha agus an uile shaghas mhaise: go taithneamhach: subháilceach don radharc. Dar léi gur niamhrach iad sála árda fé n-a brógaibh: go mbíd so-amhairc. Báidín beag niamhrach dhá thochta: néata, gleóidhte: an uile mhír is máille dhi go líomhtha cúmtha. Caitheann an lóchrann san saolas niamhrach níl pioc den seómra ná go bhfuil soiléasta uaidh: lonnrach, léir. Tá ceól ina cois, is niamhrach do rinnceann sí: maiseamhail: slíogtha: go tric gleóidhte.

nidh: *f. n-dh.* (*iol.* nidhthe(anna)) rud, rud amháin as mórán, cuid, aon rud atá ann nó a machtnuightear do bheith ann; aon rud do ceaptar ar leith leis féin; nidhthe maithe an tsaoghail seo. "Cad tá agat dhá rádh (mar sin)?" – "aon-nidh": faic: faic in ao'chor. "Aon-nidh ort? goirtighthe? bun os cionn? tinneas nó pian etc.?" – "nidh ar bith": faic in ao'chor. Aon-nidh a bheadh agam gheobhfá é: rud ar bith. Trí nidhthe nách féidir do mhúineadh – guth, féile agus filidheacht: tréithe. Dá luighead é is mór an nidh é cé gur gearr lé dul é: is tábhachtach é. Is mór an nidh sinn bheith i dteannta a chéile, déanfam cuideachta chun an bhóthair do chiorrbhadh: is maith agus is subháilceach. Dá fhaid a bhíos ag gabháil de níor bhaineas aon nidh as: ní raibh faic buaidhte agam leis. Is mór

agus is lán-mhór an nidh teine mhaith nuair bhíonn duine fuar, fliuch: maitheas mhór. Tóg aon nidh amháin go bhfuil deasca an chogaidh air gan bac leó go léir: smut ar leithrigh. Bíodh an leabhar so agat gan aon nidh: in aisce. Ghuidh sé ó n-a chroidhe gan aon nidh do bheith ort: buaidhreamh, breóidhteacht, tinneas. "Is mór an nidh anródh na marcaidheachta": is fiú a neamh-shubháilceacht d'fhulang ar son a bheith agat. Na trí nidh is fíre: luighe is éirghe na gréine agus an bás. Deacracht gach deacrachta an nidh a cleachtar a chur i ndearmhad: is áidbhéil é do bhreith chun cuimhnte. Níl nidh ar an dtalamh so is measa do dhathachaibh 'ná fliuchán: faic in ao'chor. Pé nidh a bheadh air do ghoilfeadh sé aon tsaghas ruda. Dubhairt an bhean feasa léi nidh de luibh na coirighthe do chur ag tarrac agus a ól is ná fanfadh faic uirthi: cuid. Throid sé go mbeadh a chion aige nidh nár bh'iongadh san: gníomh nár etc. Nidh nách iongadh san, bead ann: is é mo cheart é agus tá fonn orm bheith ann. Chuaidh sé isteach d'aindeóin an té gur leis an áit, nidh nár thaithnigh liom: beart etc. Is mór an nidh buille an tseanduine: ní rud é lé cur i leathtaoibh. Pé faid geairid ar an saoghal duit nár éirighidh (imthighidh ort) an droich-nidh dhuit: iomard nó tionóisc. Ní nidh liom in ao'chor é, pé rud is dóigh leat-sa: cuirim tábhacht ann: goileann sé orm, is suarach an nidh ná go bhfágfainn annsan sibh agus leigeant díbh déanamh díbh féin: is beag a bhéarfadh orm: ní mór eile an griogadh a gheóbhainn. Cad é an nidh seo anois?: cad atá as alt? ar siubhal? uait? An nidh céadna agam-sa é: a dhálta: sin mar tá. An nidh budh mheasa leat ar domhan ní fheadrais ná gurbh é lár do leasa é. Níor leath-nidh liom duine foghlumtha ghom ionnsaidhe ach dailtín mar é siúd: ní chuirfinn an oiread suime ann. Ná hiarr aon nidh air ach tabhair gach aon nidh dho is tá sé ar an bhfear is lághaiche sa domhan. "Deich n-asail ag iomchar nidhthe maithe na hÉigipte" (Gen. XLV. 23): earraidhe. "Inneósad dhíbh-se mar an gcéadna cad é an t-ughdarás lé n-a ndéinim na nidhthe seo" (Matha XXI. 24): gníomhartha. Mara bhfuil aon nidh eile agat lé déanamh: gnóth. Cuir do nidhthe go léir id mhála is scrios: giúirléididhe: maingisínidhe. Is breágh an nidh dho bheith marbh seachas bheith fé iomard an tsaoghail seo: is aoibhinn an aiste dho. Is deacair droich-nidh do mharbhadh: droch-rud, -dhuine, -ghalar etc. Cuir do nidhthe ort: do bhalcaisidhe éadaigh. Caithfead machtnamh ar nidhthibh sara gcaithim a thuilleadh airgid: an aiste mhaoine atá orm agus connus mar budh chóir dom an t-airgead do chur. Budh nidh maith don leanbh san búrdáil mhaith chun béas do mhúineadh dho: rud a oireamhnóchadh é ó thalamh. Cad iad na nidhthe iad san mar dubhradáin i bhfad uaim? an ba iad?: rudaidhe. Cá bhfuil na nidhthe is géire 'ná súil bric i linn is súil gabha i gceárdchain nó súil óg-mhná i lár aonaigh?: aon rud gur féidir machtnamh air. Aon nidh lé linn an ghábhtair: tráth mar sin geóbhfí lé rud (nó déanfí) ná geobhfí leis nuair bheadh an fhlúirse ann, nó nuair beifí gan bheith in amhgar. Trí nidh is mó giodam – baintreabhach óg, piscín cait is mionán gabhair: aon rud go gcuimheófá air.

nighe: *b.4.* do ghlanadh le huisce do chur air nó a thumadh ann; ionnladh, folcadh; sruthlughadh, tonnachadh. Is fuath lé leanbhaidhibh iad féin do nighe cé gur minic ina chall iad: a n-aghaidh 'sa lámha do ghlanadh le huisce etc. Tá nighe maith fachta gem ghoile: follamhughadh. Leann dubh an buachaill chun na scórnaighe do nighe: do ghlanadh. Má fuair an charraig nighe riamh tá sí ghá fhagháil indiu, gach tonn ag gabháil lastuas di: í ghá mhúchadh is ghá léasadh. Táir marbh ach tú do nighe: tá do thonnachadh lé tórramh ní fada uait (an chabhair). Fuaireabhair nighe maith ón nduartan san: fliuchadh go mór sibh. Tá an fharraige ag nighe na talmhan as: ag bualadh air is ghá chaitheamh. Ní

ró-mhaith an nighe a thugais ar an gcupa so, tá can ceangailte fós air: sciorradh is glanadh le huisce. Is maith a theastóchadh uait do theanga do nighe: cosc do chur leis an gcainnt bhuirb atá ar siubhal agat. "Agus thárla in aimsir an tráthnóna gur éirigh Dáibhe as a leabaidh agus go raibh ag spaisteóireacht in uachtar tighe an righe; agus ó mhullach an tighe do chonnairc sé bean ghá nighe féin; agus do bhí an bhean ró-sciamhach lé féachaint uirthi" (2. Sam XI. 2): ghá folcadh féin.

nigheachán: *f.1.* gníomh an té a nigheas; ionnramháil glanta; do bheith ag (agus dhá) nighe; tiomargan earraidhe lé cur ann nó taréis teacht ó Bhigh an Tonnacháin (Faill an tonnacháin: faill mar a nigheann mná éadaighe an tighe – soir ón nDaingean): éadaighe is rudaidhe eile ag gabháil trí ionnramháil an nighte, nó ag triomughadh ar an dtor .i. ar thoraibh sceach etc. Bean an tighe ag nigheachán indiu: ag glanadh éadaighe etc. lé huisce (te) galbhanaighe etc. Cuir amach ar an dtor an nigheachán: na rudaidhe atá nighte. Brostuigh leis an nigheachán, tá an fear ag feitheamh: na rudaidhe atá lé nighe. Is trom an nigheachán é sin sa dhrabhlaigh agat: a bhfuil dhá nighe. Is bocht an nigheachán ná bíonn léine ann: ní fiú faic í .i. is í is tábhachtaighe.

nigheadóir: (**nighteóir**) *f.3.* duine nó rud a nigheas; glantóir. Nigheadóir iongtach éadaigh "locs": glantóir ná fágann salachar ná teimheal ar a lorg. Díoltar nigheadóiridhe (nighteoiridhe) sa tsiopa anois: sáis chun nigheacháin.

nighim: *b.a. 7 n-a.* glanaim lé huisce; fliuchaim; tumaim in uisce agus cuimlim go n-imthighidh an salachar is an teimheal as; steallaim le huisce; follamhuighim; sruthluighim. Deirim-se leat-sa agus deirim go láidir leat é go dtángadar as go maith, gur nigheadh ó thalamh an báidín ina rabhadar: gur steall go leór leór farraige lastuas di. Nigh síos do scartacha, a fhir bhoicht, leis an mbraon leanna san: glan iad: fliuch go maith iad. Nigheann an fharraige na hoileáin sa gheimhridh: téigheann farraige cháithteach lastuas díobh. "Nighfead mo lámha i neamh-chionntacht agus tiocfad tímcheall t'altóra, a Thighearna" (Sailm XXVI. 6): teasbáinfead m'umhlaidheacht. "Nigh tú féin ar an adhbhar san, agus ungaidh thu féin, agus cuir do chuid éadaigh umat agus éirigh síos chun an úrláir" (Rút III. 3): glan do lámha is t'aghaidh lé huisce: ionnlaidh iad. Nigh do bhéal sara labhrair airís: staon de chainnt bhuirb. Is í an bháisteach ós na sléibhtibh a nigh amach an chlais sin: a fhollamhuigh an áit. Nighfidh an lá indiu an saoghal: báisteach throm.

nighte: *a.r.* glanta le huisce; fliuchta; báidhte, múchta; steallta. Ór nighte: ór glan ar fad. Is geóidhte, nighte a ghluaiseann an bád san: go niamhrach. Tá an saoghal nighte tar éis na hoidhche: an-chuid Éireann báistighe tuitighthe. Bhí sí nighte go maith sarar shroich sí caladh: farraige ghá stealladh féin uirthi go trom. Ní ólfadh sé a thuilleadh, tá an scornach nighte ó thalamh aige: fliuchta: oiread dighe ólta aige is go bhfuil a thart múchta.

ním: *b.a. 7 n-a.* deinim. Do ní sé go maith: rinne sé. An té a néas (níos) rud ar a mhuinntir as a óige is fearrdide é ina shean-aois. Ná níodh éinne lón den saoghal so mar nách fios cathain do sciobann an bás leis sin: ná déineadh éinne a chroidhe go léir do chur ann i ndíth an anama. Do ní tart tart: as thart tagann tart. Obair chruaidh is lom-bhiadh a ní sean den óg: a dheineas crúnca dhe roim ionbhaidh.

níom: ní mé. “An tú Seán?” “níom” (cloistear go minic é lé greann).

níos(a): *r.* Tá capall níos mó i bhfad ’ná asal: is toirteamhla é. Bhíos ann níos mó (níosa mhó) ná seachtmhain: breis aimsire. Cé tá níos mó ag Dia ’ná a mháthair bheannuighthe: go bhfuil breis mheasa, onóra aige dhi. Deirim an méid sin leat, agus níos mó ’ná san, gan oiread agus féachaint orm faid mhairfead: a thuilleadh ina theannta. Cuir níos mó chugham: breis agus mar tá agat dhá chur. Geallaim duit, ach cead mo chos do thabhairt dom, an turus do thabhairt dom, ná tiocfad níos mó: in ao’chor airís. Tá níos mó airgid ’ná bhí riamh: breis agus mar bhí. Tá beart níos (níosa th.) tairbhighe anois aige: is mó teacht isteach.

niúdar: *f.1.* freagra neamh-chinnte; neamh-fhreagra. Chuireas an cheist air dathad uair is ní bhfuaireas ach niúdar: tost nó cogaint-chainnt nár thuigeas. Ná bíodh niúdar-neádar agat, ach tair nó fan: ná bí siar is aniar leis mar chúrsa. Níor chuala riamh agat ach an niúdar-neádar: cnáimhseán is neamh-fhonn.

nó: *con.* neachtreaca (neachtar aca); ag cur atharrach nó malairt ruda os cómhair; ag tarrac rogha de rudaidhibh; ag cur neamhchinnteacht i gcéill. Snáimh anois nó báidh: idir an dá nidh agat. Fan istigh nó téighir amach: bíodh taobh éigin agat. “Beatha nó bás”, arsa mise liom féin, “raghad ’on chath so”: beidh ceann den dís agam. An feóil nó iasc a bheidh agat?: céaca is rogha leat? Bean nó muc: mar a chéile iad lé ceanndáine. Péaca airgead agat nó gan bheith agat teastuigheann cúiteamh uaim-se: a rogha a bheith nó gan a bheith. Magadh fé sheanóir nó fonmhóid fé dhuine bhocht: is ionann iad. Is cuma marbh nó beó é an mhaith a bheadh ann: mar a chéile. “Cíos do thighearna nó biadh do leanbh”: éigean. Dubhairt go gcaithfeadh a raibh d’ór aige d’fhagháil nó a cheann: ceann éigin aca. Ní fuláir liom nó bhí sé ann mar gheall sé go láidir é: ní fhéadfadh gan a bheith, mar ar choisc aon rud é. Bhíomair ag obair nó gur thuit an oidhche orainn: go dtí gur thuit sí. Nó go dtuitfeadh an tón as an saoghal ní stadfadh sé dá ghadaidheacht: go dtí go. Biadh don laoch so nó neachtreaca cloisfear ceol uaidh: muna bhfaghann etc. Nó go n-iompuighidh an mhuir adtuaidh: choidhche.

nocht: *a.* lom (gan éadach), folach; dealbh; leis. Táim bocht nocht: ar fhíor-bheagán éadaigh. Scéal nocht don saoghal anois é, tá sé i mbéal gach éinne: poiblidhe. Idir bhocht is nocht do bhíodar bailighthe ann is fáilte rómpa: daoine den uile shaghas buidhne. Tigh na mbocht is na nocht is é é: fáilte rómpa go léir.

nochtacht: *b.3.* luime (gan folach); deilbheacht (fáis); neamh-chosaint; éadaingneacht; ar díth éadaigh nó folaigh. Lém nochtacht do bheadh náire orm dul ameasc daoine: ceal clúid cheart éadaigh do bheith orm. Ní bheathóchadh an talamh san aon bhó amháin lé n-a nochtacht: luime: easbhaidh féir. D’órduigh Stailín toradh na talmhan do dóghadh agus bailte do leagadh go talamh, gan faic do bheith roim arm buatach na Gearmáine acht nochtacht: gach rud do bheith lom-scriosta. Gheóbhair slaghdán as nochtacht do chinn: bheith id mhaoil: gan bhairéad. An rud is mó atá ag teacht liom, is ní díth sláinte é, buidheach do Dhia, nochtacht mo phóca: a bhoichte. Nochtacht seadh bannc an éisc, níl breac lé fagháil ann: soilbheacht. Nochtacht a chinn, níl ruibe air: ná tagann do: a

mhaoile. Lé nochtacht an chnuic ó bheith ag baint na móna ann leis na ciantaibh níl fód ann: luinge.

nochtadh: *f.* (*-taithe 7 -ttha*) (do) lomadh, (do) fhoillsiughadh, (do) fheannadh. Tá an long ag nochtadh an chinn (tíre): ag teacht i radharc. Ag nochtadh an chúinne don ngluaisteán iompuigheadh í: ag dul nó ag teacht dá dhruim. Raghad ag nochtadh an ghamhna: ag baint an tseithe dhe. Ar bheith ag nochtadh dho don lucht ceannais cá raibh gnáthóg ag an sladaidhe do bhuail seisean doras isteach chúcha: ag innsint dóibh. Ná bí ag nochtadh na talmhan chómh mór san, éadtromuigh ar do speil: ag lomadh: ag dul dian ar an bhfás. Bhíos ar tí me féin do nochtadh chun dul ar snámh: mo chuid éadaigh do bhaint díom. Níl aon teora lé gabhar chun crainn do nochtadh: an choirt do bhaint de. Chonnac binn an chnuic ag nochtadh tríd an gceódh: ghá foillsiughadh féin. Is air is gearr an mhoill a chuid feirge (imshníomh, droich-mhianaigh, galántacht) do nochtadh: do theasbáint. Maidean an-dhorcha dob eadh í, bhí an talamh i bhfad gan nochtadh orm: gan bheith follus dom. Nár bhfhada bhí an tuagh chloiche gan nochtadh, í na mílte bliadhain fé chré go dtí anois: gan fagháil amach. Ghom nochtadh atá gach éinne in ionad aon rud do thabhairt dom: ag breith nó ag tógaint a bhféadaid. Ghom nochtadh féin duit-se ná d'éinne eile ná deárna maith riamh orm do bheinn, an eadh?: ghom bhochtnughadh féin: ag tabhairt gach aon nidh uaim. Éist liom go haireach anois faid bhead ag nochtadh an scéil duit: ghá aithris ó thóin ceann go beacht cruinn. Bhíos gan aon mhúinteóir agus budh thruagh me – má bhí truagh riamh ann – d'iarraidh gach nidh do nochtadh dom féin: d'fhagháil amach, do mhíniughadh. Tá nochtadh fachta ge torthaibh tar éis gála na hoidhche airéir: scrios. Carraigeacha ag nochtadh aníos, an rud is mó atá ann: cuid díobh lé feicsint. Tá an ceann lé nochtadh den dtigh: é do chaitheamh de. Tá gach teideal dá raibh aige lé nochtadh dhe agus aithis do thabhairt do san am gcéadna: lé baint de.

nochtaim: (**nochtuighim**) *b.a. 7 n-a.* lomaim, foillsighim, feannaim; tagaim i radharc; bainim an clúdach, folach de; aithrisim, scéidhim (ar), teasbáinim, mínighim; taidhbhsighim; láithrighim; aithnighim (do). Nocht sé a cheann i láthair na n-uaisle: bhain sé a bhairéad dhe. Ná nocht (nochtuigh) an corcán san, fág an teas ann: ná bain an chlúid de. Do nocht na hainmhidhthe an gort go dtí ná raibh priocadh na fiacaile ann: do lomadar é: d'itheadar grod don dtalamh é. Chuaidh an t-ainmhidhe áidhbhéil fé uisce tar éis an bháid do bháthadh is níor nocht sé é féin airís: níor láithrigh sé: níor theasbáin é féin: níor thaidhbhsigh sé. Do nocht sé a chloidheamh agus bheartuigh é chun catha: thairng as a thruaill é. Nuair nocht an madra a fhiacla b'fhollus go raibh droch-fhuadar fé: do scúigh sé na liopaidhe dhíobh. Ó bheith ag síor-bhaint an fhóid de nochtadar an cnoc ar fad: lomadar: níor fhágadar an croiceann ná an scraith air. An t-airgead do goideadh do nocht na gárdaidhe é i bpoll claidhe: fuaireadar amach é. Nochtfad duit anois gach nidh mar thárla ach foidhne do bheith agat: inneósad gach nidh nár bh'eól duit. Ná nocht do lámh níl sé d'fhiachaibh ort: ná teasbáin na cartaidhe atá agat. Nochtfaidh an ghrian fós: teasbáinfidh sí í féin. Is minic do nochtas mo chroidhe dhi lé gean di: d'innseas di cad bhí ann. Sin rud atá chómh dian dorcha orm-sa, ní nochtfainn choidhche é: ní fhéadfainn a mhíniughadh. Nochtuigh an ceann den dtigh: bain anuas é. Nochtuigheann an charraig lé trághadh na taoide: teasbáineann í féin le himtheacht an uisce dhi. Ná nochtuigh ró-mhór mo cheann: ná téighir ró-dhian air ag baint na gruaige de. Cad nochtuighir ar an méid sin cainnte?: cad é an tátall do bhainis as. Ina chodladh dho do nocht aingeal ó neamh do go

raibh an namhaid ar a thóir: d'fhoillsigh do: d'inns do. Do nochtuigh an t-iasc mo dhubhán: d'árduigh an baoite leis.

nochttha: (**nochtuighthe**) *a.r.* lomtha, díth éadaigh, díth clúdaigh, díth fholaigh; bainte (anuas); foillsighthe, teasbáinte, mínighthe, léirighthe. Táir ag imtheacht nochttha: gan puinn (luid) den éadach. Tá do chortha nochttha don saoghal anois: foillsighthe. Chuaidh sé chun oibre is a ghéaga nochttha aige lé fonn: a chasóg is uile caithte aige dhe. Táir leath-nochttha, ná fuil aon éadach agat níos fearr 'ná san: nílir thar leath-chlúdaithe. Dá mbeadh a bhearta nochttha don phobal bheadh malairt measa aca air: curtha os a gcómhair. Níl puinn de nochttha fós, ní mór atá tráighte dhe: níl puinn den gcladach lé feicsint. Talamh an-nochttha sa gheimhreadh é, ní maith an tuar cothuighthe é: lom gan féar. Ní mór go raibh an charraig nochttha againn nuair thosnuigh an bád ag déanamh uisce fúithi is tháirse: tagtha ina radharc nó gabhtha tháirse. Tá an tigh chómh nochttha ó bhiadh léd bhais: blúire bídh níl ann. Pócaidhe nochttha agam tar éis rás is cártaidhe: dealbh. An oiread san dúlach aige ann go n-imtheóchadh sé nochttha chuige: go ndíolfadh sé go fial a chuid éadaigh chuige. An oiread san grádh aige dhi go dtógfadh sé nochttha í: gan aon spréidh. Daoine nochttha a bhuail leó: nár ghnáth leo éadach do chaitheamh. Ag marcaidheacht drom-nochttha: gan iallait. Nuair madhmadh an tigh ón aer do léim sé amach dearg-nochttha tríd an bhfuinneóig lé scannradh is mearbhall. Is cuimhin liom dul ar scoil sa tsamhradh cos-nochttha, ceann-nochttha: gan chlúid ar chois ná ar cheann. Is fada go bhfeaca éinne chómh lom-nochttha leis: ar a luighead éadaigh. Dubhán ró-nochttha atá agat: gan go leór baoite. Thaidhbhseóchadh an ceanntar, dar lé daoinibh, níos áilne dá mbeadh crainn ann, deirid go bhfuil sé ró-nochttha mar tá: lom. An bhfuil an chaora nochttha fós, nách mall ataoi léi: feannta: an seithe bainte dhi. Is gránda an bheart bheith ag oibriughadh na sean-mhiúlach san is a brollach nochttha: an croiceann bainte dhe. Ná habair a thuilleadh tá an cúrsa nochttha go maith agat: mínighthe.

nochtuightheach: *a.* a bheith de bheith air go nochtfadh. Droch-bhrághaid ar chapall tarraic is nochtuightheach an ball é: d'fheannfadh go bog. Iasc nochtuightheach an deargán, níor mhór duit bheith an-chliste chun an iarainn do chur ann: ní fhágfadh sé luid baoite agat. Ainmhidhe nochtuightheach ar ghort seadh capall: lomfadh sé é leis an méid d'itheann.

nod: *b.2.* cómhartha, marc crapaidh; éachtaint; sméideadh cinn nó súl. Ní beag nod do, tá sé an-ghéar-chúiseach: tagairt fholuightheach: cómhartha. Thug sé nod dom bailiughadh as an áit seo sara ndéintí mo dhíoghbháil: éachtaint: ádhbhairín cómhairle.

nodlaig: *b. a-r.* féile saoghaluighthe Chríost; an lá céadna; an aimsir as san go deireadh na bliadhna. Oidhche Nodlag: an tráthnóna is an oidhche a dtuiteann sí ortha. Lá Nodlag an cúigeamhadh lá fichead de mhí deiridh na bliadhna. Oidhche Lae Nodlag: oidhche an chúigeamhadh lá fichead. Oidhche Nodlag mór: oidhche an ceathramha lae fichead. An Nodlaig mhór: Nodlaig na bhfear agus Nodlaig bheag. Is úr gach brobh go Nodlaig: ní thagann an fuacht ceart chun iad d'fheódhachtaint go dtí san. Is maith an bhliadhain dá dtig an Nodlaig i dtúis gealaighe ach nách claochlódh má thig: bíonn an bhliadhain sin sáith go minic. Biadh is deoch i gcóir na Nodlag, éadach nuadh i gcóir na Cásca.

"Nodlaig na bhfear, Nodlaig mhór mhaith/ Nodlaig na mban Nodlaig gan mhaith". Biadh glan na Nodlaig is éadach glan na Cásca: is maith iad. "An Nodlaig in aghaidh an ráithe/ an Cháisc in aghaidh seachtmhaine/ an Domhnach gach re lá/ is lá saoire eadartha". "Is samhradh gach sín go Nodlaig": is ann .i. is annsan a thagann an fuacht i ndáiríribh. Saoghaluigheadh ár Slánuighteóir oidhche Nodlag ar uair an mheádhon oidhche i stábla i mBeithil. Ag ceannach comaraitidhe na Nodlag: rudaidhe maithe lé caitheamh: bronntaisidhe na Nodlag. Nodlaig ghlas reilig mhéith: Nodlaig bhocht bás mórán. "Nodlaig ghrianmhar a dhéineann reilig bhiadhmhar, mhéith": Nodlaig bhreágh tuar mórán bás. Chaitheas dhá lá dhéag na Nodlag sa bhaile.

nóimint: *b.2.* an seascamhadh cuid d'uair an chluig; seal an-gheairid aimsire; seal gearra; seal áirighthe aimsire; am uain áirighthe; go tráthamhail. Bhuailfeadh an droichmhianach san ar an nóimint thu: gan aon mhoill. Ná bí nóimint, tá deabhadh an domhain orm leat: bí mear, tapaidh. Ó nóimint go nóimint bhí súil againn leat, ach ní rabhais ag teacht: níor laguigh ár súil. Déanfad é sin ar an nóimint anois: go lom díreach. Tá an nóimint tagtha go gcaithfeam gluaiseacht: an tráth, uain, áirighthe. An nóimint a thiocfaidh sé déarfad leis go bhfuilir lé dul chuige: díreach ar theacht do. Ní fheadair éinne an nóimint a ghlaodhfaidh an bitheamhnach báis ar dhuine: an uain áirighthe atá in ár gcóir. Ar an nóimint bhí sé im mhullach: ar an dtoirt. Nóimintín eile is bhí sé báidhte: faid bheifeá ag bualadh do dhá bhais ar a chéile. Ní fiú dhuit corruighe, ní bheidh moill nóiminte orm: ní fada bhead uait. Tabhair dom leath nóiminte agus beidh sé ullamh agam duit: tamaillín beag. Tá an clog san ceart go dtín nóimint: níl sé aon phioc as ionad. An nóimint dá bhfeaca é d'aithnigheas é: chómh luath agus leagas mo shúil air. Ar an nóimint dheireannaigh do stad sé .i. nuair ná féadfadh sé a thuilleadh do dhéanamh.

nóin: (**neóin**) *b.3.* meádhon lae; tráthnóna. "Is éascaidh nóin ná maidean": fabharaighe: ádhmharaighe. "Airéir is mé ag téarnamh ar nóin": um thráthnóna. Tair um nóin: isteach sa lá.

nóinín: (**neóinín**) *f.4.* bláth chomónta go lár buidhe, duilleóga beaga bána nó liath-dhearga. Beidh neóinínidhe ag fás orm an lá is fearr d'fhear tusa ná me: sínte san uaigh. Ní fhásann nóinínidhe féin ann .i. talamh bocht daidhbhir seadh é.

nós: *f.3.* béas, gnáthas, módh, ráth, gnáthamh, taithighe, cleachtadh, gnás, slighe, dóigh, caoi, cor. "Ná bris nós agus ná déin nós": gnáthamh a bhíos ann leis na ciantaibh mar teine chnámh do lasadh Oidhche Bhealtaine: leanamhaint den sean-ráth is gan ráth nuadh do bhunughadh. Is é nós atá agam-sa leigeant dos gach éinne a leigeas dom: béas a thaithighim. Nós aige bheith goirgeach nuair bhíonn braon sa tsúil aige: taithighe aige ar bheith achrannach nuair bhíonn sé óltach. Tá sé de nós aige (is nós leis) dul chun comaoine gach maidean sa bhliadhain: gníomh a haithristear go minic. "Connus táir an aimsir seo?" – "ar an nós céadna": ar an gcuma is gnáthach dom (maith nó olc). D'imthigh sé ar nós na gaoithe agus eagla dhóighte air: chómh luath leis an ngaoith. Tá an coinín ar nós an ghirrfhiaidh nách mór: cúmtha ar an gcuma san. Ar mo nós féin táir gan aon tobac an aimsir dhealbh so is dócha: ar mo dhálta féin, cuma. Déin é ar nós fir is ná bí ag slibireáil leis: mar dhéanfadh fear. D'éirigh sé go héadtrom ar nós an éin: chómh héascaidh, seólta leis. Chaithfeadh sé airgead, dá mbeadh sé aige ar nós an uisce: go

rabairneach: é ag imtheacht uaidh mar ritheas uisce. Chómh tugtha traochta san dom tar éis na seachtmhaine gur chodluigheas go maidean gheal ar nós na muice: go sámh, gan mhúscailt. Ní maith é a chrot, tá sé ar nós an té a bheadh ag fagháil bháis: ar an gclódh céadna. Féachadh éinne air seo is aithneóchaidh sé gurb olc an nós scríobhnóireachta atá agam: eiligean: an tslighe chun smaointe do chur i mbriathraibh. "A nós féin ges gach éinne is a nós féin ag an bpartán": gach nduine is a shlighe féin fé leith aige. D'imthigh an teine chnámh as nós fadó in áiteannaibh: as gnáthas: ní taithightear a hadughadh. Nós gránda bheith ag caitheamh sheilidhe: béas. Nós nuadh i hataidhibh anois, toirt báirnigh ionta is iad buailte go maigeamhail os chionn cluaise: módh: an módh is coitchinne agus is méine leis an sluagh ar am áirighthe, nó in áit áirighthe. Más nós leat é do dhéanamh dein: más mian leat. Ar nós mar bheadh leanbh anois atá sé, mheallfadh aon rud é: i gclódh. Ná tabhair mar nós duit féin an iomad tobac do chaitheamh: béas: gnáthas. Nósa ár sínsear, tá a bhfurmhór ar lár: nidhthe áirighthe a chleachtaidís ar feadh na mbliadhan mar atá tórramh ag baile, turuis ar shean-thoibreachaibh, piseóga do thabhairt fé ndeara, etc., sean-rátaidhe. Ní nós feasta é ag daoinibh móra, fé mar bheadh, dul ar meisce tar éis proinne: dar leo gur sa tsean-aimsir do b'é an rud ceart do dhéanamh é. "Ní lia tír 'ná nós": a nósa áirighthe, sonnradhach fé ag gach dúthaigh.

nósach: *a.* béasach, gnáthach, taithigheach. Tá sé deagh-nósach riamh: cleachtann sé nósa maithe a tháinig roimis. Rud droch-nósach bheith claon lé ragairne: cleachtadh ná téigheann go maith do dhuine. Budh nósaighe ár sínsear mór 'ná sinne, d'imthigh an tseanchaidheacht, an phionnsaidheacht, an bhainis, an tórramh nách mór, an mheitheal, is mórchuid eile: budh chlaoidhte lé cleachtadh a sean féin. Bí chómh nósach agus is féidir leat ameasc na cuideachtan galánta so: deagh-bhéasach. Labhair sé go nósach léithe: miochair, mánla, síbhialta.

nósamhlacht: *b.3.* béasacht, claoidhe lé nósaibh; modhamhlacht. Bíodh nósamhlacht ag baint leat ag itheadh: béasa: ná hith ar nós na muice nó mar airceachán. Tá cuma na nósamhlachta ar a chulaith .i. mar tá coitcheann.

nósmhar: *a.* gnáthach, coitcheann, deagh-bhéasach, mín, séimh, módhamhail. Cailín nósmhar go mbíonn a cuid éadaigh gléasta go gasta, gleóidhte: módhamhail, dréir coitchinne caithte na háite. Nósmhar ar gach slighe dho, ní fheaca riamh ach go deagh-bhéasach é: mín: mánla. Bíonn daoine na tíre seo an-nósmhar lé daoinibh iasachta: séimh: síbhialta: miochair: deagh-bhéasach.

nóta: *f.4.* bille, fuaim cheóil; cómhartha; gearr-thuaisc i scríobhnóireacht, meamram mar bheadh i gcóir óráide nó seanmóna; tagairt ghearr, míniughadh, nó gluais ar thaobh nó bhun leathanaigh nó i ndeireadh leabhair; scríobhnóireacht ag geallamhaint íocaidheacht; faisnéis scríobhtha ó stát go stát eile. Ní nath aige caitheamh tá na nótaidhe aige: airgead páipéir. Gach nóta binn ó shéis a bhéil: fuaim cheólmhar. Scrígh nóta chugham ag cur fios orm nuair theastóchad: gearr-thuairisc. Thuit na nótaidhe ar a óráid uaidh agus ní fhéadfadh sé labhairt gan iad: na mion-phoinntidhe chun a stiúrtha. An oiread san nótaidhe scríobhtha ar chiumhais na leathanach agus ar a mbun ag míniughadh na gcruadhfhocal go raibh sé go léir breacuighthe: mion-thagairtidhe. Chuir an Ghearmáin nóta chun na Rúise ghá fhiafraighe dhi cad dhéanfadh sí i gcúrsaidhibh áirighthe den

gcogadh: leitir stáit. Cuir an t-uisce ar an min dréir nótaidhe: cuid anois agus cuid airís mar oirfeadh di.

nótáil: *b.3.* do chur féin os chómhair na ndaoine (go mío-chlúiteach). Gan nótáil féin do bhínn ó chathair go cathair ag gnáthughadh gach fruchlaise budh mheasa 'ná a chéile lé himirt, ól is achrann: go bhfuair na sluaighte aithne na hurchóide is na droch-cháile orm. Go dtí so do bhí an Ghearmáin ghá nótáil féin lé cródhacht a fear, luas conncais ar a namhaid: ag cur a hainme anáirde. Fear mín, séimh, budh mhór leis mar nótáil dul i gcúirt is an ceart féin do bheith aige: an ceann poiblidhe do tógfí dhe.

nótálaim: *b.a.* áitrighim me féin, cuirim m'ainm anáirde mo chlú nó mo cháil go maith nó go holc. Nótálfair thu féin ar an sráid má bhír ag béicigh mar sin: cuirfir tú féin sa tslighe go dtógfaidh gach éinne ceann det dhroich-iomchar. Éirighim-se asat, is fadó do nótálais tu féin is ní bheidh aon bhaint agam leat: do chuiris aithne mío-chlúdhmhail ges na daoinibh ort. Dé Domhnaigh do nótáil sé é féin ag troid is ag achrann: thug sé náire dho féin os chómhair gach éinne. Ní haon uair amháin riamh do nótáil sé é féin lé n-a ghaisce: gur thairng sé clú is meas ameasc daoine. Ní raghad-sa chun cinn lé suarachán mar thusa, ní nótálfainn me féin leat: ní leigfinn m'ainm amach go fóirleathanadamhail ag fagháil droch-ainme toisc baint do bheith agam leat-sa. Nótáil sé é féin lé gadaidheacht: thug sé cáil fhairsing, mhí-mheastamhail do féin. Ar an imtheacht ar feabhas atá fén mbuachaill sin nótálfaidh sé é féin fós: saothróchaidh cáil mhór do féin. An té a nótálfadh é féin deineadh: an té gur mian leis bheith os chómhair na sluagh go mío-cháilmhear bíodh.

nótálta: *a.r.* áitrighthe, olc nó maith. Fear nótálta ar gach cuma é: éachtach iongtach. Trodairidhe nótálta Éireannaigh, is é dearbhtha aca go mion minic ar pháirc an chatha, áit ná rabhadar riamh meathta: éachtach, iongtach, clúdhmhar. Rinneas (go) nótálta ar fad: go diail. Dóirneálaidhe nótálta lé buancas dob eadh é: a ainm anáirde (é thar barr) lé faid do b'fhéidir leis seasamh gan traochadh. Áit nótálta Cill Áirne lé háilneacht: clú mór fairsing air. Dá mbeinn leath chómh nótálta leat-sa bheadh náire orm: ceann tógtha ges na sluaightibh díom mar gheall ar rud éigin ná fuil creideamhnach. B'é imirtheóir budh nótálta lé n-a linn é: budh mhó cáil. Is nótálta liom tú chun aon bhaint do bheith agam leat: tá aithne neamh-mhacánta ort: tá na sluaighte mío-thuairmeamhail dhíot.

nua(dh): *a.* do theacht nó do sholáthar den gcéad uair nó lé déidheannaighe; gan bheith ann roimhe sin, moch, as an ndeil; nochtuighthe lé geairid; deifreach leis nó ag gabháil a ionaid; fachta lé déidheannaighe; do thosnughadh ar malairt cuma; neamh-chaithte, neamh-theimhealuighthe, do thosnughadh cúrsa; neamh-thaithightheach; neamh-thástálta. Airgead nuadh seadh airgead na hÉireann: ní fada dho ann. Deineadh uaigh nuadh dho féin: fé leith: níor adhlachadh in uaigh na muinntire é. D'aithneófá ar a nguilm chun catha gur cabhair nuadh a tháinig ar an namhaid: saighdiúiridhe ná raibh cheana ann. Teagasc nuadh éigin ar scoil ná bíodh againn fadó: malairt teagaisc. Nós nuadh ar hataidhibh ban tugtha amach: déanamh is clódh atá lé gean furmhór na mban. Leabhar nuadh eile tagtha, an mbeidh deireadh choidhche leo: do theacht den gcéad uair. Tógáil nuadh an tigh seo: tógtha lé déidheannaighe. An bhfuil tógáil nuadh ar do thigh?: módh tógtha ná raibh coitcheann. "Níl faic nuadh ar an saoghal", mar dubhairt an fear: níl aon rud ná go raibh a

réamh-shamhail ann. Domhan nuadh do b'eadh an tOileán Úr nuair nochtadh é: bhí ann roimhe sin, ach gan é do bheith aimsighthe. Scéal nuadh dhómh-sa é do bheith ina bheitheamhnach: lé déidheannaighe is eol dom é. Chuireas culaith nuadh dhá dhéanamh go dtí táilliúir fén dtuath: malairt an chinn a bhí cheana agam. Cuirfead beatha nuadh rómham feasta, is mithid dom athrughadh: cromfad ar mhalairt na beatha a bhí dhá chaitheamh agam. Déanfaidh fear nuadh dhíot san áit shláinteamhail seo: raghair i bhfeabhas go mór. Dhein an príosún a fuair sé duine nuadh dhe: iomcharann sé níos fearr é féin. Cuireadh cómhaltas nuadh ar bun: ceann ceapuighthe lé fíor-dhéidheannaighe nó malairt daoine air. An módh gléasta ban tá áiteamh mór sa páipéaraibh ar a nósmhaireacht: módh cómh-aimseardha. An módh nuadh rinnce is uathbhásach leis an sean-ghlúin é: atá i réim anois. Tá oibreacha an chluig nuadh glan cé gur i sean-chruit é: deisighthe nó malairt na seanmháillidhe curtha ann. Tá ré nuadh againn anocht: gein na gealaighe. Táim tuathalach fós mar taim nuadh ar an obair seo: tosnuightheóir. Tá cleasa nuadha dhá tharrac chuige anois aige – cleasa cama – chun airgid do sholáthar: nár thaithigh sé go dtí so. Nuair cloistear an ghaoth ag séideadh go teann deirtear "fear nuadh ar na builg" .i. malairt fir nár shéid roimhe sin .i. is ag feabhasughadh atá neart na gaoithe. D'aistrigh daoine nuadha isteach sa tigh béil dorais againn: malairt na ndaoine a bhí ann: deóranta. Is fada uainn an bhliadhain nuadh fós: an chéad bhliadhain eile. Nuadh nó sean ní maith leis prátaidhe: a fhás lé déidheannaighe. Tá siad nuadh fós ar a chéile, fan go mbeid bliadhanta i bhfochair a chéile ní fheicfir an oiread ceanamhlachta: neamh-thaithightheach, agus taidhbhsigheann nidhthe is taithneamhaighe 'ná mar dhéanfaidh leis an aimsir. As an nuadh is fearr gach nidh: úr: tar éis a dhéanta, a theacht amach. Bróga as an nuadh: déanta díreach gan aon chaitheamh riamh ortha. Fuaireadar lé honóir dóibh nuadh gacha bídh agus sean gacha dighe: ná raibh ach tagtha chun tortha. Is aoibhinn duit, níl a bhac ort gach nuadh do bheith agat idir biadh is éadach: gach nidh nuair thagann chun tortha agus i módh den gcéad uair.

nua(dh): *i gcfhbh.* Is mór an deifridheacht atá idir an nuadh-aimsir seo agus aimsir ár n-athrach: go bhfuil atharradh módh is béas is nós ag na daoinibh. Cé go ndeaghas amudha trí neamh-eólas do thabhairt dom do bhuail dailtín liom a chuir nuadh-aistear orm: a chuir ar mo shlighe airís me. Duine nuadh-aitheanta dhom é seo, indé an chéad uair do choidrigheamair a chéile: aithne fachta agam air lé fíor-dhéidheannaighe. Leabhar nuadh-aistrighthe go Gaedealaing: sid é an chéad uair, agus lé déidheannaighe. Nuadh-árus a thigh ar gach slighe idir thógáil is throscán: an módh san saoirseachta atá fé réim, i láthair na huaire, agus an troscán atá i ngean na ndaoine. Is ait é an duine críonna, ní maith leis, is níor mhaith riamh leis na nuadh-bhéasa, b'fhearr leis na sean-rátaidhe: béasa a fhás leis an aimsir seo. Ní túisce a bhím scartha lé mío-ádh 'ná go dtagann nuadh-bhráca éigin orm: callshaoth eile. Déin dearmhad ar ar thárlaidh dhuit, téighir i gceanntar eile, cuir nuadh-bheatha rómhat: saoghal ar mhalairt an tsaoghail atá caithte agat. An bhean nuadh-chrothach so go n-a nósaibh suaithinseacha, éadaighe galánta, toitínidhe, cártaidhe, cóisiridhe ragairne, etc. gur deacair leis an sean-ghlúin í do thuigsint: a láithrigh lé déidheannaighe agus atá chómh héagsamhail neamh-dheallramhthach leis na mnáibh a chuaidh roimpe. Prátaidhe nuadh-churtha a tháinig chun cinn go luath gur cuireadh a síol luath sa bhliadhain. Is fadó do shéan sé sinne, tá nuadh-chómhluadar aige anois: coidreamh curtha aige ar dhaoinibh seachas sinne. Ní bheidh sé ar a dtoil aca feasta mar bhíodh, tá nuadh-chor tagtha sa tsaoghal: athrughadh grod, a chuireas malairt crota ar an

saoghal. Beidh nuadh-chúrsa ráis againn: malairt an chinn atá againn nó feabhasughadh air. Is éadruime go mór an nuadh-chíos: cíos na huaire. Tá nuadh-cheannaghtha ag teacht ó tháinighis san áit fholláin seo: athrughadh ar feabhas. Laiteann sé gach aon scéal d'iarraidh nuadh-chuma do chur air: malairt crota. Tá nuadh-chliamhain anois aca: fear inghine eile nó baintrighe inghine. Nuadh-bhean nuadh-chródh: malairt mná malairt tighe (tighis). Bíonn nuadh-chostas ar an riaghaltas an uile bhliadhain chun nuadh-éileamh d'íoc: costas breise. Mórán mór nách maith leo nuadh-chanamhain seo Mhearaice: canamhain dheóranta nách dual don dtír seo agus a fhás lé déidheannaighe. Beithidhigh mhaithe nuadh-chothuighthe dob eadh iad, is bhí tógáil ortha ar a shon san: feóil dulta ortha lé geairid. Goideadh uaim iad is budh mhaith iad, níor bh'aonnidh liom ach ná rabhadar ach nuadh-cheannuighthe, gan áis riamh: budh ghearr roimis sin a ceannuigheadh iad. Ná bí ghá lorg annsan, tá an áit sin nuadh-chuarduighthe agam ó cheann ceann: cuarduighthe i ndiaidh daoine eile. Tá nuadh-chrot ag teacht ort tar éis na breóiteachta: ná raibh cheana (ar feabhas). Gan amhras ní hé an múirle seo a chuid airgid ar fad, nuadh-chnuasach é seo a dhéin sé as cheannuightheóireacht éisc: malairt cnuasaigh leis an méid a bhí aige cheana. Is baoghalach ná faghainn nuadh-chreideamhaint sa tigh úd, bhí an bille déidheannach amuigh i bhfad orm: creideamhaint eile airís. Dhein nuadh-dhuine dhe ó phós sé an cailín maith sin: d'athruigh ar fheabhas go mór. Nadhbhóg nuadh-dhéanta is caithiseach an ball í: déanta go díreach amach as an ndeil. Tá nuadh-dháir ar an mbuin seo: í tagtha fé dháir tar éis í do bheith dortha. An loma-chasóg nuadh-dhathuighthe níl dheallramh olc uirthi: ná fuil ach dathuighthe lé geairid. Bóthar nuadh-dhírighthe é seo go dtí so bhí sé chómh cam lé snáithín stoca: seal gearr ó deineadh díreach é. Mara n-éistighir-se de ghol, a thormasáin, is baoghalach go mbeidh nuadh-dheóra leat: go mbeidh cúis cheart ghuil agat. Aon nuadh-dhíoghbháil nár éirighidh dhíbh, tá bhur mór-dhóthain oraibh cheana: díoghbháil eile anuas ar a bhfuil. Tháinig nuadh-dhream saighdiúiridhe ina n-ionad súd d'imthigh: a malairt. Bead ag iasc lé nuadh-dhream um Shamhain: foireann seachas an fhoireann atá agam anois. Nuadh-dhuabhais ort i dteannta a bhfuil ort!: breis bhuadhartha chughat. Thug sé fuath dhi ar feadh tamaill is cad deirir leis nár tháinig nuadh-éileamh aige uirthi: cion airís. "Tabharfad-sa nuadh-éisteacht duit-se", ars an té leis an bhfear a leig air ná chuala sé é: éisteacht ná raibh aige. Féach ar an bhféilire, cathain bheidh nuadh-éasca againn: nuadh-ré: an ghealach nuadh. Cad é an crann diablaidhe atá ós do chionn go mbíonn nuadh-éalaing éigin ort do shíor: iomard eile agus iomard eile. Nuadh-earra chun nigheacháin seadh an "lucs" so: ní raibh aon dul amach roime seo air. B'fhearr leis go mór an sean-fhíon ná an nuadh-fhíon le n-ól: ná raibh ach déanta, silte tamall gearr. Tar éis deich lá seóil tríd an bhfarraige fhiadhain thángamair i nuadh-fharraige chiúin is na fichididhe oileán innte: malairt ar gach cuma. Dubhairt an dochtúir ná tiocfadh nuadh-fheóil ar mo láimh mar ar dóghadh í: malairt feóla: feóil in ionad súd a dóghadh. Tá nuadh-fheirmeacha curtha amach lé líonadh fén atharughadh táille: rudaidhe nár mhar a chéile agus na sean-rudaidhe. B'fhuraist aithint ar an láimh ná raibh sí ach nuadh-gheárrtha, mar bhí an fhuil ag teacht ina sruthánaibh: déanta lé giorracht aimsire. Déanfar an diall ar fad orm an turus-so, tá nuadh-ghearán curtha isteach orm mo chúntaisidhe bheith bun os cionn: ceann i dteannta na coda eile. An slaghdán a shaoileas a bheith croithte agam dhíom tá sé nuadh-ghreamuighthe ionam: dulta i bhfeidhm airís: athchasta orm. An dóigh leat ná go bhfuil nuadh-ghile curtha sa tsean-chorcán dá dhuibheacht a bhí sé: é galánta, gealta athuair. Nílim-se ach nuadh-ghlactha san áit is níl cómhacht ná ughdarás agam

ann: tógtha isteach lé giorracht. Má nuadh-ghoirtigheadh an t-alt ná raibh ach cneasuighthe, tabharfaidh sé ceól uaidh: máchailigheadh airís. Lé tamall anois do bhí suaimhneas ortha thoir ach tá an búithré san Eóraip ghá nuadh-ghríosadh: ghá mhúscailt airís chun troda. Cad é an nuadh-ghuairneán so anois ort? ní sháiseóchadh faic thú ach feóil ó chiainibh, anois iasc atá uait: cad é fáth an mhío-shuaimhnis d'aindeóin a ndéintear duit? Arm na Gearmáine ar tí nuadh-ionnsaidhe do dhéanamh ar líne na Rúise: ionnsaidhe nárbh ionann is na hionnsaidhthe eile go dtí so. Dá n-aithriseadh fiche duine an scéal céadna is mar thárlaidh sé bheadh nuadh-innsint ag gach duine aca air: a chóiriughadh féin ag gach duine air. Ar gach nuadh-iarracht dár thug sé is ag dul i laige a bhí sé: iarracht bhreise. Ar gach nuadh-íocaidheacht dá ndéinim ar m'fhiachaibh scannruighim leis an méid atá rómham fós: íocaidheacht bhreise. Chómhnuigheadh sé i lár an bhaile, anois tá nuadh-ionad aige ar a imeall mar a bhfuil sé ag déanamh go maith: malairt áite. Éirigh tá sé ina nuadh-lá!: lá eile againn (agus malairt crota air). Nuadh-lámh ar an obair seadh é, ná bítear dian air: tosnuightheóir. An ré nuadh-lán anocht díreach: gan acht í lán. Tá nuadh-lánamhna ag teacht anocht: pósta le geairid. Iasc nuadh-leasuighthe is maith lé daoinibh seachas a chéile: ná bíonn saillte ró-fhada. Curitear nuadh-leasughadh leis na hoiniúnaibh nó teipfid: brat eile breise. Scéal nuadh-leathta, níl sé ges gach éinne fós: ná fuil ach scaoilte amach. B'fholláin gur nuadh-leónta bhí an t-alt, ná raibh sé atuighthe, is gur bh'fhuraist é do láimhseáil nuair fhriotháil an dochtúir é: ná raibh sé tárluighthe ach tamall beag. An t-uibhín seo ubh deiridh líne seadh é, béarfaidh an chearc nuadh-líne anois: sraith eile ubh bun os cionn. Cad bhéarfadh go mbeadh sé mór, nách follamh ar a luighead atá bainte as is gur indé a nuadh-líonadh é: líonadh ath-uair. Gheóbhad-sa nuadh-lóistín duit-se a choimeádfaidh thu mara stadair de shuainseán orm: an príosún! Ní mór bheith aireach ar an ainmhidhe mear so, mar ná fuil sé ach nuadh-luighte leis an obair: lé giorracht a chuaidh ina taithighe go sochma. Sin obair nuadh-leagtha amach díbh agus sáidhidh chúiche: níl ach sínte amach. A leithéid de bhuachaill mhío-ádhmharach ní tháinig treasna riamh orm, nuadh-mháchail éigin do shíor air: máchail i mairc na coda eile. Ar nuadh-mhachtnamh dhom do taidhbhsigheadh dom gurbh é mo leas mo dhrom do thabhairt lé dlighe gur beag lá den rath a bhíos ar éinne a thairngeas air í: cuimhneamh go doimhin an ath-uair. A cheann san lán de nuadh-mhachtnaithibh pé crích a raghaidh ort: teadhanna nuadha. Chuir an nuadh-mháighistir uamhan ionainn, mar bhí sé dian: an fear a ceapadh lé déidheannaighe. Mara mbeadh ná fuil an cogadh so ach nuadh-mhothuighthe fós 'e bhreis ar mar bheidh ní bheadh na daoine chómh neamh-shuimeamhail ina thaobh: braithstint bheag atá déanta air. Tá nuadh-mhuirear air, do phós sé an dara huair: muirear seachas leis an mnaoi roimpe seo atá anois aige. An eól duit an nuadh-naomh so in ár measc?: duine a bhíos ag déanamh taidhbhse dá chreideamh. Dá chlaoidhte do bhíodar d'éirigh leo a ngreama do choimeád ar an mbaile gan a ruagadh as. Do tháinig nuadh-mhuinghin dóibh nuair chualadar go raibh aithneartughadh ag teacht ar lán-luas chúcha. Má thagann aon nuadh-namhaid anois orm fara a bhfuil orm cheana beidh mo phort seinnte: namhaid 'e bhreis. Gach nuadh-nós a bhíos i réim ní mór dhi gan é do bheith aice: módh gléasta is a leithéid. Bíonn nuadh-nath éigin i gcomhnaidhe aige, fé láthair ag dearbhadh fírinne a ráidhte baineann de a bhairéad agus deir, "nár chuireadh ceann annsan ach marbh gur fíor é!" Gearántar go bhfuil an iomad duaidh ag baint leis an nuadh-oileamhaint sa scoileannaibh: an t-oideachas ná raibh a leithéid ann roime seo. Rinnis óinseach cheana de n-a lán, an dóigh leat, a chladhaire, go mbead-sa im nuadh-óinsigh agat?: óinseach i bhfarradh na coda eile

aca. Tá an t-ím seo go húr, so-bhlasta níl an bosca ach nuadh-oscailte: oscailte le giorracht agus den gcéad uair. Caithfir nuadh-oireamhaintidhe d'fhagháil don ndoras san, lúdracha agus tuislidhe, ní oireann siad san in ao'chor do: a malairt agus iad déanta amach as an ndeil. Nuadh-oireamhaint chun beirbhthe an t-oighean san: gléas go bhfuil dulta amach air lé déidheannaighe. Is maith an rud ná raibh ach an deoch mhalluighthe nuadh-ólta aige nuair dhein sé í d'úirleacan, mara mbeadh san raghadh go dona leis: ólta tamaillín sara raibh sí tar éis dul i bhfeidhm air. Is breágh dho é, tá nuadh-onóracha dhá chruachadh air gach lá: iad ag teacht ina gceann is ina gceann. Earraidhe nuadh-órduighthe lé túis an chogaidh dob eadh iad ná tháinig chun cinn fós: ní raibh ach an fógra chun iad to threórughadh air a dtriall tugtha. Is iomdha san rud ar mo chroidhe a bhaineas nuadh-osna asam: osna eile anuas ar an méid a bhí: breis bhróin. Chuala go rabhais nuadh-pháirteach sa chomhlucht so: gur tógadh isteach thusa lé déidheannaighe innte. Ubhla nuadh-phiocuighthe ní maith lé n-ithe iad bíd ró-shearbh: ná bíonn ach bainte (staithte) den gcrann. An nuadh-phlúr so atá againn, cuid des na daoinibh go dtaithnigheann leó is cuid ná taithnigheann: an plúr so deifreach leis an bplúr roimis. Táid ina gcodaibh beaga tímcheall a chéile mar ná fuilid ach nuadh-phósta, fan go mbeid bliadhanta, is baoghalach ná beid chomh gnaoidheamhail: pósta lé seal beag. Mhairfinn choidhche san áit seo, nuadh-pharrathas é 'e bhreis ar an áit d'fhágas: ball ró-aoibhinn, ró-thaithneamhach. Níor fhéad sé an nuadh-rachmas d'iomchar agus d'imthigh chun raice: an fhlúirse obann. Cloisim go bhfuil nuadh-ráidhteachas ar shíothcháin, ráfla gan bhun is dócha é: go bhfuil trácht air an athuair. Beidh an nuadh-ré againn ambáireach: a gein. Ó tháinig an bhean óg so mar bhean mhic tá nuadh-riar ar an áit: malairt seachas mar bhí. Is furaiste locht d'fhagháil ar thír a bhíos dhá nuadh-riar: dhá stiúradh den gcéad uair ar chuma nár thaithigh sí. Dlighthe nuadh-righte, tabhair cao dhóibh, ró-luath fós bheith ag fagháil locht ortha: déanta díreach. Ní raibh an aicíd ach nuadh-righte fén gceanntar nuair tugadh fé n-a cosc: scaipighthe tamaillín aimsire. Ní bheadh na tríontaidhthe sásta lé n-a bhfághaltas, do b'éigean nuadh-roinnt do dhéanamh ar an dtalamh: roinnt airís agus deifreach. Iad síon-theanntuighthe ar an oileán is gach iarracht chun a fágtha ag teip ortha, tar éis seachtmhaine thugadar nuadh-sháthadh agus d'éirigh leo: iarracht eile. Tá nuadh-scailp os a chionn anocht fairír: tá sé san uaigh. Nílim ach nuadh-thaithightheach ar an obair seo, mar sin ná bíodh súil agaibh lé mór-shaothar uaim: is gearr me istigh uirthi. D'aithnigheas ar na cómharaidhthibh a bhí tímcheall an tseantáin coille ná raibh sé ach nuadh-thréigthe: fágtha lé seal beag. Tigh nuadh-thógtha: tigh nách fada ó críochnuigheadh é.

nuachar: *f.1.* céile, caomhna. So-nuachar maith chughat: guidhim céile mhaith dhuit. Fairír d'árduigh Dia mo nuachar uaim: mo chéile. Nuachar maith d'éinne í: bainchéile.

nuadhacht: *b.3.* ar aiste bheith nuadh, fios, eolas nó tuairisc is déidheannaighe ar aon teangmháil; an chuid de pháipéar go mbíonn fios is tásc ar an ndéidheannacht air i gcómhnáird lé príomhaltaibh, altanna speisialta, léir-mheasa, etc.; rud éigin nár bh'eól do dhuine cheana: rud éigin go mbíonn faisnéis fachta air ar an uain sin: tuarasgabháil. Gach nuadhacht i dtigh a gheibheann an gean: an duine nó an rud ná raibh ann cheana is leis do bhíonn an leagadh. An bhfuil aon nuadhacht agat? cad nuadhacht agat? aon nuadhacht?: aonnidh nó cunntas air nár thárla nó nár chlos cheana. Dia go dtugaidh deagh-nuadhacht díbh i gcómhnaidhe: scéala maithe. Sin nuadhacht dómh-sa é do bheith adhlactha: rud nár

bh'eól dom cheana. Chuala ó fhear mór nuadhachta é, táim deimhnightheach gur fíor é: go mbíonn cuid mhór thuairiscidhe aige. Dá nuadhacht é an t-adhmad seadh is neamh-láidre é go mbíonn sé cruaidhte: dá úire bainte. Suidh is innis nuadhacht an chogaidh dúinn: tuairisc ar connus tá sé ag dul chun cinn.

nuaidheacht: *b.3.* fonn nó dúil i mbiadh etc., nó in athrughadh le caoraidheacht. Is fada riamh roime sin gur itheas gleamach is bhí nuaidheacht orm chuige: dúil: fonn. Mar nuaidheacht caithim toitín anois agus airís in ionad na pípe: mar ghreaindí. Níl éinne ná go dtiocfadh nuaidheacht air chun an tsóghalais sin: fonn chun sócaine nó aon rud so-bhlasta. Gan aon rud ach féachaint air, tagann nuaidheacht orm chuige: dúil a ithte nó sásamh do bhaint as. Ith é, bain an nuaidheacht díot féin leis: sásamh nó dhúil.

nuadhas: *f.1.* 7 *3.* an chéad chuid d'aonnidh; nuadhacht. Is sanntach an rud é, teastuigheann nuadhas aonnidh a bhíos ar siubhal uaidh: tosach. Tóg as a nuadhas é, seadh is fearr é: chómh luath agus is féidir tar éis a dhéanta, a theacht amach nó a fháis.

nuadhughadh: *f.* (*-uighthe*) d'athnuadhachtaint, d'aisrighe. Táimíd annso deoch againn is cómhrádh caoin ag nuadhughadh ár gcaradas-sa: é d'aisrighe: do chur ar an mbun gcéadna agus mar bhí. Ag nuadhughadh atá an bórd san, budh dhóigh leat, leis na bliadhantaibh: ag teacht ar a chéad chrot. Ag cuimilt is ag slíogadh d'iarraidh é do nuadhughadh: cuma mhaith do thabhairt air. Dheineadar a ndícheall ar a sean-chion do nuadhughadh ach theip ortha: iad bheith chómh ceanamhail ar a chéile agus bhíodar seal. Ag nuadhughadh mo shláinte cois farraige: ghá fagháil ar ais.

O

ó: *intriath.* a chuireas iongadh, eagla, suimiughadh, mian, míoshásamh, míchéadfadh etc. in iúil. Ó! mhuise, nár stadair choidhche, a mhic na gcros: míoshásamh. Ó, mhuise, dá dtiocfadh sé aon am, ach nuair atá deireadh agam leis choidhche!: brón. Ó, dheara, a Nóra, ní maith é do thórramh: aithreachas. Ó, dhera, leig dom féin: míchéadfadh. Ó! a Sheáin, mo chos! seachain í (tá pian innte, fuascail í, etc.). Ó! dá mbeinn in aice leat is tú a gheóbhadh an bhúrdáil uaim: aithreachas dóighte ná fuilim. Ó, a Dhia, cad é rud é sin?: iongadh obann: preab scannruightheach. Ó, a Dhia, a Mhuire, a chroidhe, is mé a dhéanfaidh é sin duit agus fáilte: mian is sásamh aigne. Ó, a Dhia na ngrást! cad tháinig air is é do bhualadh?: iongadh agus gráin. Éist liom-sa a inghean ó, ags b'fhéidir go dtiocfadh ciall duit: dáiríre. Sin é mar bhíonn, a mhic ó, síos seal suas seal: caithfear bheith sásta. Fanaidh socair, a chlann ó!: mian. "Olagón ó, mo dhiachair, an baile atá im dhiaidh-se": gan me is fuar, faillightheach é. "An lá is fearr a bhí Séamas riamh budh láidre Tomás 'ná é, creid uaim-se é" - "Ólagón ó!" .i. is léd chainnt ná fuil an deallramh. "Ochón ó" is thairng sí osna: duairceas. Ochón ó, mo ghleódh, agus m'athtuirse go deó, 'sis fada siar d'fhanfá uaidh siúd maidir lé neart: dí-chreideamh. Ó! mo dhrom: tinneas. Ó, (a) Mhuire, ná fanfá réidh leat féin is gan bheith ag tuiteam: preab. Ó, a thiarcuis, nách gleoidhte an haitín atá ar mo leainbhín. Ó! a Shéamais, stad!: col lé Séamas. Ó, a Mháire, an tinneas: éileamh taise nó cnead duaibhseamhla.

ó: *c.n.* cuireann "ó" i gcéill scaramhaint, imtheacht, aistriuchán, deighilt, baint de, eisceacht, ceal; foillsigheann sé áit mar a ngluaiseann rud as, duine nó áit go dtagann rud as; túis, áit bunaidh, agus smaointe cosamhail leó so; de bhrigh, mar gheall ar; toisc; de chionn etc. Cad atá uait?: cé rud go bhfuilir ar a lorg?: cad atá in easnamh ort?: cad atá dhá éileamh agat? Ím atá uaim: ghá iarraidh: ná fuil agam is budh mhaith liom do bheith agam. Is iomdha rud atá uaim ná faghad: go bhfuilim ar a iarraidh nó ar a chuardach. Scrios an cogadh ó phréimh an dúthaigh mágcuaird: níor fágadh luid ag fás ann. Tógadh ó thalamh me: baineadh dem bhonnaibh me. Thóg obainne is neamh-choinne an scéil ó thalamh me: bhain sé preab uathbhásach asam. Déanta ó thalamh atá an bheart san gan aon áidhbhéis: ar fheabhas ar fad. Ó thuaidh! abú!: deirtear so lé gáirdeachas molta. Ó chroidhe amach gheóbhair é má tá sé agam: go lán-toilteanach. Ní lé neamhghuis a bhuailis in ao'chor me ach ó chroidhe amach: léd thoil mheanmnaigh. Budh mhór an aithis dho an cailín do chur ó chrích: a beatha do mhilleadh uirthi. Briste? táim ó chrích anois agat: ní féidir liom faic do dhéanamh toisc an rud atá déanta agat orm. Traochta marbh ó bheith ag éisteacht léd bhriollamas cainnte: de chionn: sé a thoradh é. Ó shiubhal na drúchtha fuair sé slaghdán: mar gheall air. Ó shál rinn níor fágadh pioc den luing le chéile: idir an dá áit agus san dá áit féin. Ó cheann ceann na seachtmhaine bíonn sí ag dubh-obair: ar feadh na seachtmhaine ar fad. Gléasta go péacach ó bhonn bathas: an uile phioc. Croitheadh me ó mhullach talamh: mo chorp uile. Ón gceann go raibh na cluasa dhíot: ag tosnughadh ann etc. Biadh fuair-bheirbhthe ó airéir roime sin: uair a beirbhigheadh é. Ó Dhia anuas, (ó thalamh Dé an domhain, ó neamh anuas) níor aithnigheas cé labhair liom: bhíos dall ar fad air. Ó shoin níor cuireadh barra méire air: b'é sin an sprioc-lá (tharainn). Ó chiainibhín beag d'fhág sé sinn, ní fada ó bhaile is féidir leis do bheith: tamaillín bíognach atá ann. An fada ó bhaile Corcaigh?: cad é an t-achar as so é? "Cad as duit?" - "Cad is dóigh leat? ó Áth Cliath dar ndóigh": is in Áth Cliath do

rugadh me. Ó indiu go lá Philib a'Gheitire, pé lá é, ní labharfad leat, a chrochaire. Admhuighim ná rabhas go maith dhuit go dtí so, ach ó so amach bead níos fearr duit: feasta. "Níl sa tsaoghal so ach ó indiu go dtí ambáireach: ní fios cathain thagann an bás. Bheadh sé chugham ar a bhéal ó indiu go dtí ambáireach ach ní fheaca fós é: aon lá in ao'chor. Díolfaidh sé thu, ní dhíolfaidh, mhuis, cuir sa diabhal a chuid geallamhna, níl aige ach ó indiu go dtí ambáireach: dhá chur ar ath-lá: leathscéal. Breóidhte go maith ó bheóir láidir: is í cúis é. Dá mbeadh sé ann ó dhúthchas, ach níl: geinte ann. A bhfuil agam is d'bhur aindeóin é agus ó dhlighe: an dlighe budh bhun lé n-a bheith agam. Ó cheart atá a bhfuil agam agam: dréir córach. Ó fheabhas a chuid oibre agus ó n-a dhúthrachtaighe d'árduigheadh a thuarastal: toisc, mar gheall air. Ní raibh aon mhearbhall orm ná go raibh sé (gníomh, éacht, beart) ionat ó easna amach: i ngach pioc ded chreat. Ní hón eaglais atá sé pósta: ní cléireach léi a chuir cuing phósta air. Ó fhuraidheacht, ó ragairne agus ó ólachán a chuaidh a shláinte chun deiridh: b'shin iad budh bhun leis. Bheifeá dubh ón ndeatach ann leis an ndroch-tharrac atá ag an simné: dhéanfadh san leat. An ghráin mhairbh aige orm ó chroidhe amach: go dúbhluighthe. Tuirseach ón gcainnt chéadna i gcómhnaidhe aice: ag. Dhearbhuigh sé nach uaidh a bhí sí ina mnaoi thrupa: nách aige: nárbh é budh chionntach. Lonndain, an chuid is mó dhe, scriosta ó ionsaidhthibh aoir: iad cúis leis. Ó táir chómh hóg san ní bheidh leath-oiread milleán ort: mar gheall air sin. Ós aige atá an inchinn agus an taithighe leis tugadh sé fé n-a dhéanamh: de chionn: toisc: mar gheall ar go. Ós uaidh atá an aisce iarradh sé í: de bhrigh gurb é a ghnóth san é. Ós gur as an áit chéadna an bheirt againn bhímís báideamhail lé chéile thar lear: b'shin é fáth. Ó thuit sé amach ort níl ach é d'fhulang: toisc gan leigheas do bheith air anois. Ó thárlamair ar a chéile is gur annamh do dhéinimíd i dtigh an tábhairne, bíodh deoch againn: de bhrigh. D'éaluigh sé an tseachtmhain seo caithte is ní feacthas ó shoin é: lé ham áirighthe. Focal a imthigh ó áis bliadhanta ó shoin: roimis an am so. Óm fhágaint sibh shocruigheas ar fhilleadh airís go luath: i ndiaidh ama áirighthe: tar éis. An fada ó chonnac go déidheannach thu?: i ndiaidh an ama go bhfeaca cheana thu. Ó nách aon mhaith tafant tástálaimís ceannsacht air: de chionn: de bhrigh. Ó n-a mheas ort dhéanfadh sé cuid mhaith dhuit: de bharr. Óm aithne air déarfainn gur fear galánta, macánta é: toradh tuigseana mo chonbharsáide. Ó aois go bás is iomdha iomard i gcóir an duine: ar feadh a shaoghail uile. Ó bhonn bathas cneadhacha seadh é: táid ina mbrat air. Ó luan satharn ag obair: do shíor. Leig uait me, tá deabhadh orm: scaoil díom: leig saor. Ná leig uait an beartán san amach as do radharc: ná scar leis. An soitheach atá ag leigeant uaidh, cuir fonnsaidhe air agus déin díon-uisce é: go bhfuil an t-uisce, etc. ag sileadh as. Leigeadar uatha focal a shroich mo chluas a chuir in iúil dom go raibh rud éigin ar maoith déanta aca: dubhradar go neamhghuiseach gan choinne go gcloisfeadh éinne eile é, nó go dtógfí aon cheann de. Ná leig uait me!: coingibh me (do ghreim orm) ná scar liom. Leig ó n-a cheann: scaoil annsan é. Cuir uait! Stad! Cuir uait do chleasa: stad díobh: bíodh deireadh. An ghealach ag cur uaithi de dhruim an chnuic: a sholas dhá theasbáint féin. Táim sa bhothán so cois farraige go haonarach seascair, sásta. Gan éinne ag cur chugham ná uaim: ag déanamh mhearbhaill ná eadráin dom. Seachain é! tá sé ar "thapa de bhiontar", ná cuir chuige ná uaidh nó leagfair é: fan amach uaidh. Tá an bhó ag cur ruda éigin uaithi: tríotha siar. Is ag cur ó dhúthchas duit gan bheith fial: ag athrughadh seachas mar bhí na daoine a tháinig rómhat. Cuir ó dheas an bád: tóg bórd sa treó san léi. "Déin lom láithreach é" – "tá sé déanta ó thúis agam": ón am go raibh dóigh nó súil nó órdughadh lé n-a dhéanamh: roime seo. Fear galánta gur iomdha rud déanta uaidh féin

aige gan cuireadh gan iarraidh: dá thoil mheanmnaigh: gan tafant ná lorg. Níl aon síol ag cur uaidh fós: ag péacadh. An tseanbhean ar buile lé n-a hinghin, í ag cur uaithi ar nós an diabhail bhuidhe: ag báirseóireacht: ag tabhairt íde dhi. Is ait í an nádúir mar chuireann an fiach dubh is éanlaithe eile a ngearrcaigh uatha go háit eile nuair bhíd chun fiadhaigh: ruagaid. Ná bain an iomad ón gclaidhe sin nó scéidhfidh sé: gan taighde isteach fé. Dá fhaid bhítheas ghá cheistiughadh níor bhaineadh faic uaidh gur bh'fhéidir tátall do bhaint as: ní bhfuairtheas aon fhaisnéis uaidh. Bhain an tarcuisne ó chroidhe me: ghoill go trom orm. Bain ón dtalamh do bheatha, ná bí ag brath orm-sa: saothruigh do bheatha de bharr oibre na talmhan. Baineann sé ó phréimh leis an dtreibh chéadna: as san do ling a phór. Ná bí ag baint uaim, mar ná fuil aon eolas agam duit agus dá mbeadh féin ní bhfaghfá dada: d'iarraidh feasa d'fhagháil go glic sleamhain. Caithfear baint ón speil chun a tanuighthe sara gcuirtear an faobhar uirthi: slighe do chur uirthi: an béal do thanughadh lé húirlis oireamhnaigh. Ag baint an fhéir breis ó thaobh den gcóca, tuitfidh sé: ghá stathadh. Ná bíodh eagla ort go dtuitfidh faic uaidh siúd: go gcaillfidh sé faic: ná bíodh sé faillightheach, bóiléagarach i dtaobh aonnidh. "Go dtuitidh do chac uait! mar an aimlidhthe atáir", deirtear lé duine go mbíonn rudaidhe ag tuiteam uaidh le neamh-aire. Go dtuitidh an bhrigh uait!: go bhfágaidh do neart thu. Ní bhfaghainn óm chroidhe é do leigeant fé ocras: an iomad truagha agam do. An bhfaghfá amach ó éinne cad tá ar bun annso?: an bhfaghfá an t-eólas. Chuaidh sí i rith a saoghail ó chlainn: níor thuit muirear uirthe. Chuadhamair ó iasc mar dhein ceirtlín dár líontaibh: ní rugamair air. Cuirfidh san ó chodladh na hoidhche thu: ní leigfidh duit é do dhéanamh. Ní ag dul uait atá sé, gheóbhair t-ullamhughadh as ar bhrisis sa chistinn: nílir ag breith na gcos leat. Tiocfair ón gcath breóidhteachta so lé haire cheart: téarnóchair: raghair i bhfeabhas. Thiocfadh sé ó ifreann: d'éalóchadh sé ó chonntabhairt ar bith: aon rud go mbeadh in achrann ann thabharfadh a chosa leis as. An bhfuilim uait?: an dteastuighim uait?: an bhfuilir ar mo lorg? Táim ó mhórán dá mb'fhéidir leó teacht suas liom: táid ar m'éileamh. Sin í an cailín atá uaim: go bhfuil éileamh agam uirthi í do phósadh nó bheith mar leanán agam. Cad bheadh ó éinne ach a cheart?: cén fáth ná tagróchadh duine a cheart? Cad a bheadh uaidh, an dóigh leat, ach uisce in ionad beathuisce!: ar a lorg. Tá beagán eile uaidh sara mbeidh sé críochnuighthe: in easnamh: gan déanamh. Dá mhéid dícheall do dheineas d'iarraidh teacht suas leis, ag breith is ag breith uaim do bhí sé: ag cur breise achair eadrainn. Ar fheicsint na hamhailte ag nochtadh aníos as an bhfarraige, feamnach ag fás air is corra cruaidh, bhíos ag breith chugham is ag breith uaim: scannruighthe im bheathaidh. Beir ag breith uaim i gcómhnaidhe: ag tógaint earraidhe (mo shiopa) nó ag árdach rud i nganfhios nó go follus is ná fillir. Béarfad uait ar iasacht é seo léd thoil: árdóchad liom. Abair uait féin é, ná habair gur mise a shamhluigh duit é: asat féin: ar do shon féin. Ghá rádh uaim féin atáim: gan cur suas ná bheith ag tarrac éinne eile i dtreis. Chidhim uaim féin é, ná bac do ghloinidhe léd thoil: leis an súil nocht, nó gan neach ghá dheimhniughadh dhom. Chidhim uaim féin mo lochtaidhe: ní gábhadh d'éinne a n-aithris dom. Ag féachaint uaim ort is breágh sláinteamhail an fear thu: ghod thabhairt fé ndeara as an áit seo. Chonnacthas dom ón slighe dhuaibhseamhail a bhí fé ag tarrac a anáile nách fada ina cheann ar tír é: ar an gcuma. Ní fada uaidh ar an ndroch-chlódh atá air: tá an bás i ngiorracht do. "Tá an rás (an lá etc.) aige" – "is fada buidhe ó n-a thóin thiar é" .i. níl sé aige ná a dheallramh air go mbeidh. "Fuaireas leitir ón Sín indé" – "is fada ó Bhaile an Heileá é": nách é an turus fada é. Ó Dhia an uile nidh: is é ughdar an uile ruda é. Caith uait an saghas san cainnte, agus tairng scéal éigin eile chughat: scur di. Uaidh is fearr é:

dá thoil féin gan neach do chur isteach air mar seo ná mar siúd. Ag caitheamh uait do bhír do shíor: ag scaipeadh do choda. Is aoibhinn don té atá réidh uait agus gan bheith ag pléidhe leat: gan baint do bheith aige leat feasta. Nílim ó bhaoghal fós, dréir an dochtúra: níl an chonntabhairt thart. Táid ó chion in ár measc: níltear buidheach díobh. Tá an scian ó áis le fada: gan aon earraidheacht dhá bhaint aiste lé n-a holcas. Tóg uaim é is gan uaim ach é: duine a bhí ag diúltadh ruda, agus é ar sciobaidh chun a ghlactha ar an am gcéadna. Ó thaobh taobh do suathadh an tigh ón ngála: an gála budh bhun le n-a shuathadh. Focal níor thuigeas uaidh: dár labhair sé. I bhfad uainn an t-olc is furaiste díoghbháil an duine do dhéanamh: go bhfanaidh an droich-nidh uainn. Fág an bealach (an bóthar, etc.) uaim: seachain: seasaimh i leathtaoibh. Ó thúis deireadh ní éisteóchadh sé: ar feadh tréimhse áirighthe. Ith uait, ná coigil d'aon rud: lean leat ag itheadh. Léan uait, a chladhaire, éist (seódh) .i. is mór an náire dhuit bheith ag cainnt mar sin.

obadh: *f.* (*-btha*) (do) dhiúltadh; cosc; eiteach, seachaint, diúltadh. Ag obadh troda ataoi, an eadh, a mheathtaigh?: ag cúladh, cúbadh uaidh. Táim ar mo chroidhe díchill, ná tuig gur ag obadh atáim: ag teip nó ag cliseadh. Ná bí ag obadh orm dul abhaile, tá deabhadh orm: ghom chosc. An fear obtha oibre thu? má seadh níl aon ghnóth annso dhíot: fear leasc roimpe: a chúlfadh uaithe.

obaim: *b.a.* diúltuighim, eitighim. Ná hadhain troid is ná hob troid: ná tosnuigh í ach ná tabhair do chúl uirthe (má cuirtear ort). D'ob sé an biadh orm, go leór aige de is ocras mo dhóthain orm: do loc sé é: d'eitigh sé me air. Obadh orm teacht is riamh ní raibh a fhios agam cé budh bhun leis: coisceadh me.

obainne: *b.4.* luas, mío-rothag; neamh-choinne. Obainne a bháis is mó a ghoill orm, is níor bh'é an bás féin, é d'imtheacht gan sagart gan dochtúir: neamh-choinne: a theacht gan súil gan tuar. A obainne d'imthigh sé a chuir iongadh ar gach éinne: a imtheacht níos túisce 'ná mar cheapfadh éinne dho. Beir fada air, ní gábhadh an obainne ar fad: an saothar deabhaidh. A obainne a thuit sé, is shaoil an ceanntar go raibh sé gustalach, teann: gan mhoill. Lé hobainne deabhaidh do chuir sé dhe: luas deabhaidh. An obainne atá ann ní hiontaoibh é ná go n-imtheóchadh i ganfhios: mío-rothag: rudaidhe do dhéanamh de thapaidhean: luas intinne.

obair: *b.2.* gnóth, gníomh, clampar, duadh, rud lé déanamh; saothar; sclábhaidheacht chuirp nó incheann; ceárd, gairm etc.; (iol) rudaidhe a deintear leis an láimh nó leis an inchinn; (iol) oibreacha; an gléasradh a bhíos i gclog, i ngluaisteán etc. chun a gcurtha ar siubhal. Cad í an obair atá ar siubhal agat indiu?: cad é an cúram?: cad dó go bhfuilir ag gabháil? Is deas an obair duit bheith ag cúl-chainnt: cúram: rud go dtugair t'aigne air. Molann an obair an fear: an bheart, an saothar nó an gníomh a bhíos déanta aige foillsigheann an saghas fir atá ann. Is mór an obair ná ceapair do shuaimhneas tamall éigin: is iongtach ait é – b'fhearr dhuit a dhéanamh. Cé eile a bhí san obair seo in aonfheacht leat: san gcúram (olc) so. Ní hobair dom bheith déidheannach, me im aonar is bóthar fada conntabharthach rómham: ní cuibhe, ní ceart. Ní hobair do dhuine a chuid do chaitheamh gan fhios cén fáth agus connus: aimideacht seadh é. Ní hobair gan duadh rinnce: ní haon áilteoireacht í. "Má tá obair agat lé déanamh déin í", deirtear lé duine a bhíos ag cur isteach ar ghnóth dhuine eile. Ní hobair liom-sa dul as mo shlighe chun do

mhaitheasa: ní mairg liom é. As an obair a gheibhtear an fhoghluim: ó bheith ag gabháil do rud a thagas an t-eólas ceart chun a dhéanta. Aon rud ach obair do: díomhaointeas atá uaidh. Tá obair agam ort (tu do chur ar do leas, do shlánughadh, tu chlaoidheachtaint, críochnughadh d'iomchar etc.): tá callóid is duadh rómham. Ar bhuadhachtaint féin ar an Rúis beidh obair mhéire ag an nGearmáin ann: duadh slacht is cóir do chur ar an obair. Is fearr obair ná cainnt: ní bhfaightear faic as bheith ag cainnt, pé beag, mór a gheibhtear as shaothar. Is mór an obair incheann foclóir do chur os tóin a chéile: saothar machtnaimh. Obair tógtha tighe, saoireachta luinge, scríobhnoireachta foclóra. Sin í obair na fuaire atá agat-sa dhá dhéanamh: na haindeise: ná tiocfaidh aon faic dá bharr. "Is fearr síor-obair 'ná sár-obair": mall, chómhshnáthach is fearr chun oibre i ndeireadh dála. Is fearr snas na hoibre 'ná meirg an díomhaointis: is tairbhighe do dhuine rian a chuid oibre air 'ná é do dhul chun mío-mhaitheas lé díomhaointeas. An bhfuil bhur gclog ar obair?: in órdughadh: i ndán gluaiseachta. Ní hobair go dtí é, an cogadh so: is mór an t-uathbhás é. "An bhfuilir ag obair" – "ní hobair go dtí é (me)": ag obair go fuadrach. Bímíd ag obair ar dalladh (lán a'bhata etc.) ag diabhal saoiste atá againn ná tugann sos ná suaimhneas dúinn: chómh dian agus tá ionainn. Ag obair ar dubh-thiomáint ag saothrughadh an fhóghmhair: chómh géar, láidir is tá ionainn. "Sé laetheannta shaothróchas tu agus dhéanfas tu th'obair uile." (Ecs. XX. 9): a bhfuil lé déanamh agat. "Aitheantar an Tighearna leis an mbreitheamhantas a chuireann Sé i bhfeidhm; gabhtar an cionntach in obair a lámh féin" (Sailm IX. 16): gníomh. Deineann an gabha a chuid oibre i gceárdchain: saothar áirighthe. Mórán oibre lé déanamh agam, is éigean dom a dhéanamh ist oidhche: rud a shaothrughadh a chuireas duine roimis. Beir do chuid oibre leat amach ar an mbán (obair snáthaide etc.): adhbhar is úirlisidhe is rud. Bronnfad oibreacha an Phiarsaigh ort: an saothar a scrígh sé. Oibreacha an domhain ar dhá thaobh an chuain – calaidhe, doganna, tógálacha, droichid, bainnc chosanta etc. Oibreacha an diabhail fé ndeár furmhór ár n-urchóide: gníomhartha: a shíor-chorradghail. Capall na hoibre an biadh: an té ná bíonn cothughadh maith aige ní féidir leis oibriughadh go maith. Tús maith leath na hoibre: cur chúiche go maith agus go tráthamhail téigheann i bhfad uirthi. "Ag obair go deó is gan pósadh choidhche": ag síor-obair is fiú amháin gan éinne ag brath ar dhuine, saoghal leachta aige. Gnáthamh na hoibre an t-eolas: an taithighe uirthi a thugas clisteacht don nduine chun a déanta. Lé hobair throm a dheineas é: chuir sé duadh an domhain orm. Más déirc a dheireadh dhúinn nách breágh aerach an obair sin: slighe. "Sin í an obair!" deirtear nuair bhíonn sástacht ar dhuine mar gheall ar rud a bheith déanta go maith. Ní hobair leis siúd aon rud do dhéanamh a chuirfeadh buadhairt ort: aon nath: mairg. Nuair chidhtear duine go greithealach, fuadrach deirtear leis, "níl obair an lae dho ann" .i. ar an imtheacht atá fé ní fada an mhoill air í do dhéanamh. Ní maith an obair an fear so do mharbhadh: gníomh. Nuair tháinig an máighistir isteach agus fuair sé rí-rá againn ar fuaid na scoile, dubhairt, "cad é mar obair í seo?" .i. cad mheádhann sibh leis an ath-umhaltacht so? "Agus thugadar é don lucht oibre a shaothruigh i dtigh an Tighearna, do chur suas agus do dheisiughadh an tighe" (2. Croinic XXXIV. 10): oibridhthe: oibrightheóiridhe: fir oibre.

obann: (**oban**) *a.* de phreib, de gheit, gan choinne, ceann-uaiscneach, tapaidh, prap. Thángthas orainn go hobann is sinn i lár na sluide: rugadh sa bhfoghail orainn gan choinne. Chuala cnag obann ar an ndoras a bhain preab asam: tapaidh, tric. Is é is obainne a tháinig riamh orm, an té a shaoileas a bheith sa taobh thiar de Mhearaice do bhualadh

an doras isteach chugham: gan aon choinne: gan tuar ná rabhadh. Nách obann an bás a fuair sé, ní raibh moill nóiminte air: tapaidh: de gheit. B'obann léi mar thairsgint phósta é is gan ach aithne aon lae aca ar a chéile: lán-thapaidh, gan súil ar bith leis. Ná bíodh cainnt obann agat pé rud a dhéanfair, meádhaidh i gceart sara labhrair: ná himthigheadh do theanga leat: ná bí béal-luath. Fuair sé glaodhach obann, is beag coinne a bhí agam tráthnóna airéir go mbeinn ar a thórramh anocht: bás de phreib. Tháinig an scéal ró-obann orm, ní raibh aon tsoláthar déanta fé n-a chóir agam: ní rabhas ag machtnamh in ao'chor air. Fuair sé teog obann breoidhteachta: a tháinig in aonfheacht air.

obanntas: *f.1.* gníomh nó beart obann; teadh; aidhm; taom; taod. Cuir uaim obanntas, déin lón is aimsir do chaitheamh lé rud: bheith ar mire chun beart thapaidh do dhéanamh. Obanntas an obair seo a leag anuas na leabhartha: ceal foidhne. Rinne sé in obanntas é, ní hé sin saghas duine é, díoghbháil éinne do dhéanamh: lé taod: gan mhachtnamh. Cad é an t-obanntas a tháinig anois air? gur imthigh sé fiú gan slán d'fhágaint: aidhm: teadh.

obthach: *a.* diúltuightheach, eiteach, meathtach, cúlthach, cúbthach. Ná bí obthach, an eagla atá ort? Sáidh chun cinn: meathtach, cúlthach. Riamh ní fheaca obthach ar farraige é: cúlthach: go raghadh ar gcúl lé faitchíos. Ná bí obthach ar an bpian do chuirfead ort ag baint a deilg ót iongain: ná cúb uaidh. Obthach ar an mbiadh ar dhuine mar is gnáthach leo, a bhlas ní bhfaghfá uatha: eiteach.

ócáid: *b.2.* gnóth, tráth áirighthe go dtárluigheann rud éigin áirighthe; cao, amus; fáth; gnóth; cúis, (*iol*.) ócáididhe, rudaidhe a bhaineas leis an uain nó leis an nduine; cúrsaidhe. "Thángas-sa 'on bhaile ar lorg phlúr" – "agus mise ar an ócáid chéadna": cúram céadna. Tá ócáididhe eile orm-sa fós a chuirfeas moill orm: cúirimidhe. Cad iad na hócáididhe iad so eadraibh: cúrsaidhe. Ócáididhe ban, ná cuireadh fir a gceann ionta: cúrsaidhe fé leith leo féin. Plúr, mín agus ócáididhe eile sa trucaill: earraidhe. An seómra lán d'ócáididhibh ná raibh ainmeacha a leath agam: rudaidhe éagsamhla. Na hócáididhe go léir a bhíos dhá thaidhbhreamh do: cúirimidhe is rudaidhe ná beadh furmhór na ndaoine ghá mbodhradh féin leó. Beidh deoch againn agus ócáididhe: cómhrádh etc. Cad é an ócáid a sheól chughainn i gcoim oidhche mar seo thu?: cad fáth? Táir ar ócáid éigin, aithnighim ort é: táir ar chúram broideamhail. Ní sheirbheálfadh éinne thu ar ócáid mar sin ach scannróir ceart: fáth, cúis. Ar ócáid mar pósadh dhuine déarfá dá mbeadh aon spirid in ao'chor ann go dtabharfadh sé déanamh dos na buachaillidhibh: tráth éagsamhail. Níl aon ócáid feirge agat an turus so, níor chuir éinne chughat ná uait, ní dubhairt éinne "chughat a phúca" leat: fáth ar bith. "Cad tá uait?" – "sin é m'ócáid féin, nách mór an fios atá uait": cúram, gnóth. Leig do ócáididhibh daoine eile: cúirimidhe: gnóthaidhe. B'ócáid bhruighne dhóibh roinnt an airgid goidighthe: fáth: cúis. Ar ócáid mo bháis, guidh liom: trágh mo bháis.

ócáideach: *a.* gnóthach, cúramach, áiseamhail. Táim i bhfad ró-ócáideach chun tor do thabhairt ar gach geochach a ghaibheas an bóthar riamh. Is ócáideach an úirlis an tuagh san: áiseamhail. Oireann sé go hócáideach ar an uain cheart.

och: *intriath.* brón, mairg. Och! gan mise ameasc na bhFiann: a thruagh é, fairír! "Ní fada bheidh gol ná och ag mnáibh im dhiaidh": osna throm lé brón im dhiaidh. "Och! cad so",

nuair thuiteann aon rud amach nó nuair baintear preab as dhuine mar dhéanfadh glór mór. M'och is mo chrádh é: mo bhrón is mo mhairg. Och! gan mise thiar: baineann sé osna bhrónach asam.

ochadh: *f.* (*-chta*) osnaghail. Tá rud éigin ort ar an ochadh atá ionat: an osnaghail. Le hochadh a thabharfaidh a saoghal anois: lé brón.

ochaoid: *b.2.* gnúsghail bhróin. An bhean bhocht budh thruagh leat í ag ochaoid lé dealbhas is anacracht an tsaoghail: osna is brón ina croidhe.

ochlán: *f.1.* gnús, osna, buadhairt, buaidhreamh, ísle bhrighe, callán bróin. Ochlán an domhain air i ndiaidh a mhná: brón poiblidhe. Ná bíodh aon ochlán ina dhiaidh ort, is fearr dhuit uait ná agat é: buaidhreamh béil. Madra go raibh an-chion agam air a marbhuigheadh orm agus cuireann sé ochlán orm: buaidhreamh. Beidh ochlán orm mara mbuailir liom sa chathair: bead trí chéile.

ochlánach: *a.* buadhartha, osnach, callánach, gnúsach. Táir chómh hochlánach ina dhiaidh is dá mbudh phudhair mhór é: brónach: callánach lé buadhairt. Sínte go hochlánach ar a leabaidh gan ann éirghe: osna is gnús lé tinneas. Ní bheidís leath chómh hochlánach i dtaobh a bháis dá bhfaghaidís a chorp lé hadhlacadh: chómh cráidhte.

ochón: *intriath.* fairír! éigheamh bróin. Och! ochón! Is brónach mise: mo mhairg! mo dhíth. Gach aon ochón aice ag gol go fuidheach: éigheamh bróin. "Ochón! mo mhairg is mo bhrón mór go raghad 'on talamh", deirtear so lé crádh croidhe ceart. Is é an t-ochón é is an greim mór: ag dúmas bhreóidhteachta is ag itheadh ar dalladh. Gol leinbh nó ochón seanduine: ní chuirid buadhairt ar neach.

ocrach: *a.* dúlmhar i mbiadh, fonnmhar chun aonnidh, cíocrach, sanntach, guilmeach, silte, ag siolagar; suarach. Go hocrach tartmhar laetheannta i mbád béal-oscailte, gan biadh gan deoch: guilmeach chun ithte. Go hocrach gan balcas is aindeis an saoghal aca é: ag siolagar: silte. Chómh hocrach lé cráin mhuice: dúlmhar, sanntach chun bídh. Níl an t-iasc ocrach indiu: fonn beartha air. Is ocrach laogh ná bligheann a mháthair: an té ná faghann an bainne cích ní fearrde é. Ní mhothuigheann an sáitheach an tráthach ocrach: aon té a théigheas i bhfad gan bhiadh. Tá na ceannuightheóiridhe, mar ritheann siad, ocrach chun stuic indiu: sainnt ceannuighthe ortha: cíocrach. Nách ocrach ataoi chun an bhaile: fonn mór ort dul ann. A rud ocraigh, ní fheicfeá do chroidhe dá mbeadh sé ar do bhais agat: suarach, sprionnlaithe: gortach. Ruidín ocrach seadh é, nár thug faic uaidh riamh: suarach i gcroidhe. Ní mór a gheóbhair ar na beithidhigh ocracha san: atá lom, seirgthe, léirighthe: a chuaidh gan biadh.

ocrach: *f.1.* duine nó ainmhidhe fé ocras. Cuid an tormais i mbéal an ocraigh: is beag leis an dtráthach a bhfaigheann sé. Maran tú an t-ocrach agam ná roinnfeadh lé duine atá i ngábhtar: duine gortach, do-ranna. Dá mbuailfeadh sé leat dathad uair ist ló béal an ocraigh a bheadh air: bheadh do shíor ag cnáimhseáil is ag casaoid. Is minic ná cuimhnightear ar an ocrach: an té go mbíonn ocras ceart air mothuigheann sé gur beag duine gur oth leis é. Is é an t-ocrach i gcroidhe é, ní scarfadh sé lé faic: rud sprionnlaithe.

ocrachán: *f.1.* duine beag-chroidheach; sprionnlóir. An chéad leathphingne a thuill sé riamh tá sí ag an ocrachán fós: suarachán i gcroidhe.

ocras: *f.1.* dúil mhór nó guilm chun ruda d'itheadh; sainnt; cíocras; dealbhas; bochtanacht; gorta; aiste docamhlachta cuirp; laige; tnáidhteacht is seargadh gur b'é an bás a chríoch trí cheal suiméir; goile, dúil bídh tar éis troscaidh. "Is geall le hocras gannachas": ní mór an deifridheacht idir teirce bídh agus easbhaidh bídh. Tá sé in am ocrais: am bídh d'itheadh. A rud ocrais, imthigh as mo radharc: ná bíonn id chroidhe ach an ghorta is an sprionnlaitheacht. Cuirfidh an droich-bhiadh san an t-ocras id chreatlach: tabharfaidh sé gorta dhuit: cuirfidh chun báis thu. Mo ghradhain iad, ár sinsear, cuid aca, ní bhfuaireadar ach an t-ocras fé Shasana: easbhaidh suiméir nó oileamhaint an chuirp. Trí lá síon-theanntuighthe ar an oileán mara gan biadh is sinn a fuair an t-ocras dearg: an sileadh agus an siolagar. Ocras tar éis altuighthe ort adeirtear lé duine a bhíos ag éileamh bídh go minic, go mbíonn goile mór aige .i. bheith guilmeach airís chuige a luaithe agus bheadh buidheachas tugtha do Dhia dá chionn. Cnoc nó tráigh a chuireas ocras ar cách: cois farraige nó mullach cnuic dhá áit ghoileamhla iad maidir lé go leanann obair an dá áit – feamnach is móin. "Agus thug tú dhóibh arán ó neamh ina n-ocras agus thug tú uisce dhóibh amach as an gcarraig chun a dtarta agus do gheall tú dhóibh go rachfaidís isteach i seilbh na tíre do mhionnuigh tú do bhéarfá dhóibh" (Neh. IX. 15): gorta: ceal oileamhna cuirp. Gan ach féachaint ar na sóghalaistidhibh a bhíos ag an ndream saidhbhir chuirfeadh sé ocras ort: fonn agus dúil chun ithte. In ainm Dé caith chugham rud éigin lé n-itheadh, tá ocras buile orm: fonn guilmeach chun bídh. An oiread san ocrais orm anois go n-íosfainn na clocha glasa dhuit. Nuair bhíonn fonn mór ithte ann nó nuair chidhtear duine ar a ghreamannaibh go luath, láidir deirtear "tá sé ina ocras". Cad dhéanfaidh an t-ocras, a dhuine, bhídís amuigh san ithir ag tómhach na gcríochán a fanadh fúithe d'iarraidh béile do dhéanamh díobh .i. níl teóra le n-a dhéanfadh duine nuair bhíonn an corp ag éigheamh ar bhiadh. Is maith an t-annlann an t-ocras: ní gábhadh anbhruithte reamharuighthe so-bhlasta do chur ar an mbiadh chun a ghoile do thabhairt don té a bhíos ina throscadh i gceart. Eagla ar dhaoinibh go mbeidh sé ina ocras dhubh ortha sara mbí an cogadh so i leath-taoibh: gorta uathbhásach. Muna n-íosair faigh ocras mar sin: téighir tamall maith gan biadh. Ag fagháil bháis leis an ocras ataoi riamh, a sprionnlóir diabhail ná caithfeadh cuid den sparán ort féin: ag maireachtaint ar an ngannchar is ar an gcaol-chuid. Deirtear "ná bí ag trácht ar ocras" nuair bítear ag tagairt d'fhulang mór ina thaobh. D'éireóchadh sé ó aon bhórd is ocras air .i. goile tréan do bheith aige. Ní fear ocrais feóla mé: gan éileamh mór agam uirthi. Níl aon ocras orm chuige: fonn.

ocrasach: *a.* ocrach, ag siolagar; goileamhail. Mara saothruightear an fóghmhar go maith ambliadhna beidh sluaighte go hocrasach in ár measc: beid ag dul gan beatha cuirp. Ainmhidhthe ocrasacha iad san, cá bhfuil an cothughadh? féach ar luime na talmhan: ag siolagar: ag dul thar a chéile: léirighthe.

ocrasán: *f.1.* airceachán, craosaire, duine fé ocras. D'íosfadh an t-ocrasán so an folcadh te, ní haon mhaith bheith ag cur bídh chuige, tá goile capaill aige: craosaire. Cé thabharfaidh biadh dos na hocrasánaibh bhochta i ndúthaidhibh an chogaidh?: iad so lé siolagar.

ochtach: *f.1.* cuaille, uaithne teanntuighthe. Seacht n-ochtaigh (ochtacha) ar gach taobh den sáipéal: n-uaithnidhe, cuaillidhe.

odhar: *a.* ruadh-dhubh, donn-dhubh, tiadh-bhuidhe; truaillighthe. Caora odhar go mbeadh an dath san ar a haghaidh. Ruidín odhar dob eadh an bhean chéadna: neamh-thoirteamhail, dath tiadh-bhuidhe ar a cneas.

odhar: *f.1.* cnapán mór; fás cnapánach ar an gcneas.

odhrughadh: *f.* (*-uighthe*) d'iompáil odhar, idir ruadh is dubh, tiadh-bhuidhiughadh. An caoch ruadh ar na prátaidhibh, táid ag odhrughadh: dath idir dhonn agus dubh ag teacht ortha. Odhrughadh na talmhan leis an ngála: é ag feódhadh is ag iompódh donn-dhubh. Teas na háite chómh dian san is gan taithighe agam air go bhfuilim ag odhrughadh sa tír bheirbhthe seo tar lear. Cad a tháinig ar do chneas breágh, slachtmhar go bhfuil sé ag odhrughadh: dath tiadh-bhuidhe ag teacht air: do chuma féin malartuighthe ar chuma leice. Má fágtar ró-fhada ar an ithir na prátaidhe tar éis a mbainte beid ag odhrughadh: dath donn-dóighthe ortha.

odhruighim: *b.a.* ₇ *n-a.* díoth-dhathuighim, tiadh-bhuidhighim. D'odhruighis faid bhís fén dtuaith: tháinig dath donn ar do chroiceann ón ngréin. Odhróchaidh na prátaidhe mar a bprioctar iad, má fágtar fén sín iad: tiocfaidh dath idir dhubh agus dhonn ortha. D'odhruighis leis an dtaom breoidhteachta san, níor fhan do dhath féin ort ná dath éinne eile: tháinig dath mí-lítheach ort.

odhruighthe: *a.r.* donn-ruaidhte, tiadh-bhuidhighte, báidhteach. Táir odhruighthe go maith ag gréin na tuaithe, budh dhóigh lé duine gur as thír éigin the, bheirbhthe allmhuraigh thu: croiceann donn righin tagtha ort. Na prátaidhe chómh hodhruighthe sin anois ó bheith leis go bhfuilid gan mhaith lé n-itheadh: iad feóidhte casta ar a chéile ag teas. Do cheannuighthe odhruighthe go maith ó bheith ag troid: dubhuighthe.

ofráil: *b.3.* tairsgint; rud do thairsgint mar íodhbairt in onóir, in adhradh nó in athchuinghe ar Dhia; íodhbairt; tairgint ruda, rogha a dhiúltadh nó a ghlactha; toirbheart, tairgeal. Tá an gliog so, cuimhnigh air, ghá ofráil dom chun dul ag bruighean leis: ghá tharrac dom: ag cur a dhubh-shláin fúm. Luach beag atá dhá ofráil ar iasc indiu: ghá thairsgint. Ag ofráil trí chéad púnt ar an dtigh: ghá thoirbheart mar luach. B'fhearr dhuit ofráil an fiche púnt do ghlacadh, ní fheabhasófar indiu air: an méid a cuireadh féd bhrághaid mar luach. Ag ofráil an aifrinn naomhtha: ag déanamh na híodhbairte sin do Dhia. Tháinig an sagart go dtín ofráil: áit áirighthe den aifreann go ndéintear bailiuchán déirce, go gcantar, agus ina nguidhtear an déirc agus an t-arán agus an fíon i dtairsgint do Dhia. Budh cheart do, agus tá ceangailte ar gach nduine bheith láithreach ag ofráil an aifrinn Dé Domhnaigh: an íodhbairt in onóir Dé, mar a ndéintear tairsgint fola agus feóla ár Slánuightheóra fé ghnéithibh aráin agus fíona.

ofrálaim: *b.a.* tairngim (íodhbairt), toirbheirim, tiodhlacaim, foláraim. Ná hofráil a thuilleadh dho air, tá airgead maith buailte agat leis: ná cuir fé n-a bhrághaid lé glacadh

nó diúltadh. Ofráil do dul leat: cuir dubhshlán bruighne fé. Ofráil do lámh i bpósadh dhi: cuir os a cómhair do mhian gabháil léi. D'ofráil sé breab fiche púnt dom ar scéitheachtaint ar mo chómhghualaidhe: chuir fém bhrághaid é: thairng dom. Is minic d'ofráil sé a chabhair dom dá dteastóchadh uaim: gheall as féin dom í: chuir rómham chun glactha nó diúltuighthe. Ofrálaimís suas na paidreacha so ar son na n-anam a chuaidh rómhainn: cuirimís os cómhair Dé iad go dúthrachtach lé n-a nglacadh. Ná hofráil do chómhairle d'éinne ná teastuigheann sí uaidh: ná cuir os a chómhair cómhairle chun a ghlactha nó a dhiúltuighthe.

óg: *a.* (maidir lé daoinibh is créatúiridhe beó eile) i dtúis na beatha, i dtráth beatha tamall tar éis beartha (saoghluighthe), óigíneach, nuadh, úr, luath, beag; saonta, neamh-thaithightheach; gan puinn dulta chun cinn (saosúir, trátha etc.). Gheóbhaid óg is aosta gorta má leanann an cogadh 'san ghannachúis: ní éalóchaidh neach. Fág ar mo bhuille anois me táim ag déanamh go hóg: go sásta, ar fheabhas. An ag magadh fúm a bheifeá? nílim chómh hóg agus is dóigh leat: saonta, neamh-thaithightheach ar chúrsaidhibh. Cad é an deabhadh atá abhaile ort? ná fuil an oidhche óg fós?: luath. Is fada go mbeidh sí ina coill cheart, crainn óga seadh fós: úra: nuadh-fhásta. Táid an-mhórdhálach sa tigh seo amuigh clann óg ó airéir aca: bunóc. Ní measa ná sean-éin 'ná an té is óige aca: an chlann ar aon rian oilcis leis an muinntir. Nuair bhís beag óg id phatlachán garsúna d'árduighim liom ar mo dhrom thu: i bhfíor-thosach do bheatha. Cailín óg cráibhtheach sean-diabhal ceart: i dtúis a saoghail go mánla, díothmhóideach, a mhalairt ar fad siar san aois di. "Agus dubhairt sé lé hAoran, glac laogh óg mar thabharthas peacaidh agus reithe mar thabharthas loiscthe gan cháidhe agus íodhbair iad i bhfiadhnaise an Tighearna" (Leibh. IX. 2): gamhain ná raibh ró-fhada. Ní hiad na béasa ná na nósa céadna atá ag an aos óg is bhí againne, daoine fásta, nuair bhíomair mar iad: na daoine atá ag éirghe suas fé láthair. Is fada go mbeidh sí ina coilleadh lé gearradh, crainn óga seadh í: ná fuil i bhfad curtha. Clann óg ar an mbaintreabhaigh: leanbhaidhe beaga. Duine óg fós thu: gan taithighe, nó é luath go leór agat dul chun cinn. Seán óg: an Seán is óige ar an líon tighe. A Shéamais óig, tair chugham, ag cainnt mar a mbeadh bheirt Shéamas. Nách óg atá sé dá bhliadhantaibh: óigíneach: deallramh, nósa is airdheanna na hóige air. Cad a dhéanfadh an fhuil óg ach bheith mear, tapaidh: bríoghmhar, buacach. Éire óg tá ár seasamh uirthe: Éire na nuadh-smaointe is na nuadh-theadhanna. Tá sé óg i ndochtúireacht fós, raghaidh feabhas air: ar bheagán taithighe. An mhuinntir óg imthighthe chun rinnce, an tsean-mhuinntir sa bhaile: clann an tighe. Féach air, é chómh beag, tá sé chómh hóg le hóg: an-óg ar fad. Is óige é 'ná mar fhéachann sé: níl oiread bliadhan aige is budh dhóigh leat ó n-a chuma.

óg-: *i gcfbh.* óigíneach, úr, nuadh, moch. Ól siar an deoch bhríoghmhar san, cuirfidh sí óg-anam ionat: smuirt is fuinneamh ná raibh cheana ionat. Déanta d'óg-adhmad a bhí an tigh is nuair chríon sé shearg sé is leathanuigh na síomthaidhe go mór: adhmad ná raibh ró-fhada ag fás. Óg-adhbhar saighdiúra an leanbh, féach mar bheartuigheann sé a chloidheamh adhmaid: an-luath atá an mianach dhá fhoillsiughadh aige. An t-óg-arm so againn tá sé ag claidhe go maith lé n-a dhualgas: nuadh. Ní deacair rud do chur ina luighe ar an óg-aigne: ar aigne ná bíonn an t-aos aige: bíonn sí so-ghlactha. Níl óig-bhean ar m'aithne ná go bhfuil a diongmhála d'fhear ann: bean ion-phósta. Óg-bhainne na hoidhche airéir is fearr chun liathta: bainne ná beadh ach ó airéir. Reóidh an sioc na hóg-

bhláthanna is ní tháinig aon toradh gur bh'fhiú a áireamh: na gais ná raibh ach ag préamhughadh. Is iomdha san óg-bhruinneall mhiochair mhodhamhail do mealladh leis: óg-mhaighdean, bean óg, áluinn. Sin iad an óg-chabhair fós di, níl éinne aca thar deich mbliadhna: clann ná fuil tagtha chun cuinglidheachta. Budh thruagh gur árduigh an bás chun siubhail í ina hóg-chruth .i. sara raibh sí fásta in iomláin. "Ní hé marbhadh an Dúna do bhris ná brúigh mo mhuineál riamh, ná a ndearnadh liúm i gciumhais an Oileáin Thiar, ach óig-bhruinneall mhúinte na gcocán ciar, ná dheaghas dá fiosrughadh ar dtúis ná im sheanóir liath". Óg-chaortha go flúirseach ar thorthaibh: díreach ag teacht amach. Is dubhach, dubhach me gan m'óg-chéile chumainn: céile óg in aois agus seal beag pósta. Ní fada ó chneasughadh anois í tá óg-chroiceann ag teacht cheana féin uirthi: croiceann lag, éadtrom, gan ann ach an sceó. Ó táim isteach san aois anois is ná raibh éinne ann ach óg-dhaoine níor bhaineas aon tsubháilceas as: ógánaigh. A hóg-dhealbh do mheall mo shúil: dealbh nó crot óigíneach, go raibh úire agus slacht na hóige air. Óg-each ráis ar mhachaire ar nós na fáinleóige. Maran aca a bhí an óg-éirim agus scaoileadh fé thar lear ins na déagaibh dóibh: dúil mhór i dtúis a saoghail dul chun cinn. An t-óg-éileamh atá ar toitínidhibh aige: dúil ina gcaitheamh chómh luath ina shaoghal. Is mór go leór an lán atá fés na hóg-fhearaibh seo fé láthair, gluaisteáin, peictiúiridhe, rinncidhe, cóisiridhe, ragairne, etc.: fir óga theasbamhla, scléipeamhla. Níl na prátaidhe lé baint fós, óg-fhás seadh iad: ní fada ó chuireadar amach. Lag ar a gcosaibh, nílid ach óg-fhásta: tagtha chun cinn lé déidheannaighe. Ins an áit in ar dóghadh isteach go cnámh me b'fhada gur fhás óig-fheóil ann: nuadh-fheóil in ionad na feóla a imthigh. An óg-fhoireann pheile atá againn táid ró-óg: foireann shóisear: na n-ógánach. B'iad an dream a bhí ina gcómhnaidhe san ait an uair sin óg-phréamhacha na cinidh: an chéad daoine a shíolruigh uatha. Níl aon teóra ar an dtalamh leis an óg-fhuil, bíonn sí meisneamhail: na daoine óga. "Mo dhá ghradhain ár n-óg-ghaiscidheach", deirtear lé hógánach go mbíonn beart ionmholta déanta aige. Níl ach rianán den óig-ghealaigh ar an spéir: corrán tanaidhe den ré nuadh. A hóg-ghnúis do mheallfadh na céadta: a haraidhe úr, taithneamhach. Ní thréigfinn m'óg-ghrádh ar ór na cruinne: leanán gan mórán aoise. An rud a théigheadh ar m'óg-inntin budh dheacair me do chur de mar bhíos spirideamhail, dána: inntin an gharsúna. Fan, ná bí dian air, níl fós aige ach an óg-inntin, nuair gheobhaidh breis thaithighe ar an saoghal athróchaidh sé: an inntin gan bheith eascartha ina ceart. Don máthair a thug óg-lacht a cíoch do is beag an urraim do thug di: bainne cích i dtúis a saoghail. Ná hól ina óg-leamhnacht é, leig do stad tamall .i. mar crúidhtear ón mbuin é. Ubh buailte ar óg-leamhnacht, tá suiméar is oileamhaint ann: leamhnacht sara mbíonn an rianán uachtair ag teacht air. Sar ar cuireadh iad do bhí sean-leasuighthe ar an dtalamh agus cuireadh dá óg-leasughadh ortha: leasuighthe ní budh dhéidheannaighe ná san. Óg-leann ní bhíonn chómh suiméarach lé sean-leann, ní bhíonn eaga aibighthe aige: ná bíonn brachta ach gearra-thamall. Lán tighe d'óg-mhacaibh aca: garsúin a tháinig ar an saoghal go grod i ndiaidh a chéile. Is maith an earra lé n-itheadh easna den óg-mhairt sin: beithidheach cothuighthe go bhfuil a chuid feóla úr sóghalta so-bhlasta. Tá sí ar óg-mhnáibh an pharóistidhibh: iad so ná fuil puinn dá saoghal feiscighthe aca. Óg-uaisle na cathrach gan mairg ach ghá n-aoibhneas féin: clann na n-uaisle, na ndaoine galánta dréir fola. An uair sin bhíos im óg-óinsigh, ach ó shoin tháinig breis chéille lé breis na mbliadhan: ógánach óinsighe. Cá bhfuil do dheabhadh? tá sí ina hóg-oidhche fós: luath: gan puinn di caithte: níor aosuigh sí fós. Deineadh dlighe speisialta dos na hóg-oibridhthibh chun tráth agus tuarasdal do shocrughadh: oibridhthe in aos lag. Bhronn Dia

óg-oidhre ortha: leanbh go dtuitfeadh a maoin air leis an aimsir. An óg-oileamhaint a fuair seisean níor mhaith í agus a rian indiu air, adhbhar droich-fhir atá ann: an teagasc is an tabhairt suas nuair bhí sé ag fás. Lán seómra d'óg-pháistínidhibh lé múineadh, duadh seadh é: malraigh bheaga, laga. Ní haon óg-rútaidhe atá ag an mbun giumhaise seo, ní indiu ná indé a fuaireadar a ngreamanna: préamhacha gan saoghal fada. As a óg-shaothar féin, bhí dhá chéad púnt sa bhannc aige: an cnuaisciún do rinne sé sa déagaibh. An t-óg-shaoiste a tháinig orainn tá sé go hiongtach: an saoiste nuadh (duine óg freisin). Is fada ó bheith bácálta an císte seo, níl ach óg-sceó (screamh) fós air: rianán éadtrom cruaidhte den dtaobh amuigh. Cuireann an t-éadach breágh san óig-scéimh uirthi: tugann deallramh an duine óig uirthi. Óg-scoith fir gur bh'aoibhinn leat bheith ag féachaint ar chródh na himeartha: géag an-óg: aosánach fir mhaith. Cad chuirfidh greim i mbéal go héinne dem óig-shliocht: dem chlainn. Budh sheacht mheasa an t-óg-thighearna 'ná a athair: an duine óg: an t-oidhre. Óg-thaithighe atá agat ar an bhfear san, dá mbeadh a mhalairt agat ní mholfá é: gearr: ina thúis ataoi. Is gleóidhte agus is maith é óg-uachtar ar thé: uachtar ó indé go dtí indiu, cuir i gcás.

óg: *a.* maighdeanach, gan smál. Do rugadh ó Mhuire óg: gan teimheal. A mhaighdean síor-óg: riamh agus choidhche gan teimheal.

ógh-, óigh-: *i gcfhbh.* síor, iomlán. Déinimíd, mar is éigean dúinn, dá n-óigh-réir .i. tugaimíd géilleadh iomlán dóibh i ngach rud. Ná creideadh éinne go bhfuil na tíortha so go léir do chlaoidh an Ghearmáin fé n-a hóigh-réir ná iad óigh-riarach di: fé n-a lán-smacht ná iad lán-ghéilleamhail di.

óghacht: *b.3.* maighdeanas, iomláine, sláine. "Mór maighre budh mhaighdean rómhat etc. ór mheallais a hanam 'sa hóghacht": maighdeanas. "Annsan do bhéarfaidh athair agus máthair an chailín cómhartha óghachta an chailín leó go sínsearaibh na cathrach ins an ngeata" (Deut. XXII. 15): cómhartha a fhoillseóchadh a neamh-theimhealughadh. "Agus adubhairt sí lé n-a hathair, déantar an nidh seo ar mo shon-sa, léigtear dhom dhá mhí go n-imthighidh me síos agus suas ar na sléibhtibh agus go gcaoinidh me m'óghacht, mé féin agus mo chompánaigh" (Breith. XI. 37): mo mhaighdeanas. Sealbhóchaidh sé a hóghacht: déanfaidh céile leapan di.

ógánach: *f.1.* buachaill óg, aosánach, fear óg aontumha. "Is iomdha ógánach súil-ghlas ag tnúth lé n-a pósadh, etc.": fear óg ionphósta. Ní haon ógánach anois tu ná go mbeadh ciall agat: ní duine thu ná fuil tagtha go bliadhantaibh na tuigseana. Cogar i leith chugham, a ógánaigh, cad iad na geámaidhe crosta iad so fút?: a bharránaigh. Beidh ógánaigh an cheanntair go léir ar barr ithreach an lá úd d'fhéachaint cé go mbeidh an buaidh aige: aosánaigh: buachaillidhe óga. "Lagófar fós na hógánaigh agus beid cortha agus tuitfid na hóig-fhir ar fad" (Iosaih XL. 30): na daoine in aois bheith ar bhruach feardhachta.

ógánta: *a.n-dh.* óigíneach, i seilbh na hóige, ag baint le, oireamhnach don óige. Máthair ógánta seadh í, cé déarfadh go mbeadh sí pósta in ao'chor: cuma óg uirthi agus í óg. Tá a cuid éadaigh ró-ógánta dá haghaidh is dá dealbh: b'oireamhnaighe do bheadh sé do

dhuine níos óige. An fáth-gháire ógánta atá dos na mnáibh fós aige: mar bheadh ag duine an-óg.

ógántacht: (**ógánacht**) *b.3.* aiste sealbha na hóige; óige. Ná bítear ró-dhian air toisc an méid sin do dhéanamh tá an ógántacht air is gan coidreamh an tsaoghail curtha síos aige: óige: an neamh-thaithighe agus an t'aineólas a gheibheas lé túis saoghail dhuine. Ina dheallramh is ina fheádhannaibh níor chaill sé pioc dá ógántacht: bíonn sé ar nós duine óig. Mara mbeadh a ógántacht bheadh an giúistís i bhfad níos déine air i dtaobh na gadaidheachta: a óige agus na rudaidhe is dual di do dhéanamh.

ógántas: *f.1.* óige, slighthe is feádhanna na hóige. Othó! tá ógántas uirthi seo, is luath é: an óige ag cur uirthi chun suirgheachta. Is iomdha rud budh cheart do mhaitheamh don ógántas: do shlighthibh na hóige. D'imthigh m'ógántas is níl ann anois ach meath: óigínteacht.

óglach: *f.1.* giolla (aimsire), ógánach cuthaigh. Cad as an t-óglach? tá cuma mhaith air: ógánach deagh-dheallramhthach, deagh-phearsanta. Óglaigh na hÉireann: saorsánaigh: saighdiúiridhe a dheineas a ndualgas in aisce. Seadh, tá óglach agam, agus is minicighe gurb é sin an máighistir agus gur mise an t-óglach: gur me a níos (néas) an fóghnamh. "Agus adubhairt seisean cé thusa? agus d'fhreagair sí, mise Rút do bhan-óglach, cuir do choim ar do bhan-óglaigh, óir is bráthair foguis gaoil thu" (Rút III. 9): friothálaidhe mná. "...ní dhéanfaidh tú obair ar bith ann (an tSabóid) thú féin ná do mhac ná t'inghean, th'óglach ná do bhan-óglach ná t'áirnéis ná do choimhtheach atá taobh istigh ded dhóirsibh" (Ec. XX. 10): friothálaidhe fir. Ban-óglach an Tighearna. Is uaisle banaltra ná ban-óglach: is mó an urraim atá ag dul di. Tabhair eaga fásta agus cruaidhte dho, déanfaidh fear maith, níl ach ina óglach fós: ina ógánach.

óglachas: *f.1.* fóghantas, aois cuinglidheachta. "Glacadh in óglachas lae is lán-bhliadhna é": in adhmannas fóghantaidhe. Is mithid do anois do bheith in óglachas: in aois fóghantais nó friotháltais do dhéanamh.

óibhéal: *f.1.* scannradh áidhbhéise; áidhbhéil chainnte. Cad tá tuitighthe amach ní thuigeann neach an t-óibhéal so uait, inns i gceart dúinn é: duadh is saothar ag tabhairt tuairisce uaidh. Ná creid go bhfuil an scéal chómh dona san, ná géill dá hóibhéal san: áidhbhéis innste is fotharaga leis. Dún an t-óibhéal san ort: béal ar dearg-leathadh. Óibhéal air do shíor: a chlab ar leathadh chun cainnte.

óibhéalta: *a.n-dh.* uathbhásach, áidhbhéil. Aithris óibhéalta aige: dá mbuaileadh leat dathad uair sa tseachtmhain: áidhbhéiseach, uamhanach. Bean óibhéalta ná féadfadh gan a cóiriughadh scannruightheach féin ar gach eachtra: scailfhéitheanach. Níor mhaith liom mo rún do thabhairt do, tá sé ró-óibhéalta: béal-scaoilteach, béal-láidir.

oibliogáid: *b.2.* geas, coingheall, dualgas, éigeantas. Tá sé d'oibliogáid ar gach Caitliocaidhe aifreann d'éisteacht lá beannuighthe an Tighearna ar phriacail pheaca mharbhthaigh gan leathscéal ceart: iachall: dualgas. Is mór an oibliogáid í go gcaithfead pé rud is mian leis do dhéanamh do: iachall: éigeantas. Is iomdha san oibliogáid go

bhfuilim fé ag an nduine sin mar is mór iad a mhaitheasaidhe dhom: comaoin. Leanann oibliogáididhe an domhain láthair an tighe chéadna: coingeallacha is éigean do chóimhlíonadh. Brathaim d'oibliogáid orm dul go sochraid mháthar mo chéile cé nar thaithnigheas riamh léi: gurb é mo dhualgas é toisc ár gcómhgais.

oibliogáideach: *a.* d'ualach; ceangaltach dréir na dlighe; riaghalach, órduighthe áirighthe, nó mothála gur riachtanach a dhéanamh. Tá sé oibliogáideach orainn onóir do thabhairt d'athair is do mháthair: ceangailte orainn dréir dlighe na nádúra. Síothcháin leis an gcómharsain do choimeád tá oibliogáideach orainn go léir: is éigean dúinn bheith síothchánta. An trughnairt bhocht, dhealbh, nuair chonnac a chrot dearóil do bhraitheas go raibh sé oibliogáideach orm cóngamh do thabhairt do: go raibh sé ceangailte orm mar chríostaidhe.

oibridhe: *f.4.* sclábhaidhe, fear (bean, ainmhidhe etc.) oibre. Oibridhe slachtmhar ar órd seadh thu: is féidir leat an t-órd d'ionnramh go maith. Droch-oibridhe capaill, tá barra-thuisle ann: gan bheith ar fheabhas. Mar oibridhe tighe budh dheacair í do shárughadh: bean (cailín) a néas gnóthaidhe tighe.

oibrighim: *b.a.* ₇ *n-a.* saothruighim, déinim rud, cuirim (de) dhuadh orm féin, bím éirightheach (ar); gluaisim rud, bím in adhmannas, gnóthuighim. D'ól sé purgóid ach níor oibrigh air: ní bhfuair sé aonnidh as a chliabhlach. Cuir uait do chuid chainnte, oibrigh ort: lean leat ar aghaidh gan staonadh. Oibreóchad ar an iarann so anois go ndéanad crudh dhe: bead ghá bhualadh is ghá ionnramháil go etc. D'oibrigh sé ar an mbeart d'fhagháil, ag lorg cabhartha air seo agus air siúd ach do theip air: bhí sé ag déanamh gach rud a bheadh fabhrach do. "Gidh b'é ar bith a oibrigheas annsan (ar an sabóid) cuirfear chun báis é" (Ecs. XXXV. 2): a chuireas duadh cuirp air féin. Oibreóchaidh an lá indiu go maith thu .i. an méid atá lé déanamh agat caithfir fanacht ag gabháil de go dian, dlúth. Oibrigheadh orm lé tafant, tláithínteacht agus teannas a raibh agam d'innsint ach d'fhanas im thost: bhítheas ag gabháil dom d'iarraidh eólais do bhaint asam. Táim eitighthe ag furmhór go bhfuil aithne agam ortha, cé air go n-oibreóchad anois?: cé ionnsóchad anois?: chun éirighthe liom. An té ná hoibrigheann do féin oibreóchaidh sé do dhuine eile: caithfidh sé dul ag tuilleamh a bheatha ó chách muna gcuireann crích éigin oibre air féin do féin. Má tá súil agat lé héirghe leat oibrigh an fear san: déin léighe leis agus má bhíonn leat tá agat. D'oibrigh an ghrian ar an mbarra so: d'fheóidh sí é. Níor oibrigh an droich-íde go léir a thugais duit féin ort: níor fhág sí aon rian ort. Oibrighidh amach annsan, tá an saoiste ag fairghis oraibh: déinidh breis. D'oibrigh sé a dhorn ar mo shróin, féach an croiceann imthighthe dhi. Oibrigh do chúram i gceart agus ní theipfir: téighir i bhfeighil an ruda atá idir lámhaibh agat etc. Oibreóchaidh an cheist sin an inchinn agat: cuirfidh duadh uirthi agat í do réidhteach. Seo inneall ná hoibrighim i gceart in ao'chor: nách féidir liom do chur ar gluaiseacht. Oibreóchaidh so na géaga agat: coimeádfaidh ar siubhal go cúramach iad. Caith uait an mheilit cluig sin, ní oibreóchadh sé: ní raghadh sé ar siubhal.

oibrighthe: *a.r.* saothruighthe, déanta, gnóthuighthe, sroichte. An bheart oibrighthe agam, fuaireas tar éis mórán lághaiche is tláithínteachta an méid a bhí uaim: gnóthuighthe. Tá an turus oibrighthe aniar agat: treabhtha: saothruighthe: triallta. Níl

oibrighthe ag an bpurgóid fós air: ní dheaghaidh sí i bhfeidhm air. Is féidir leat a mhaoidheamh go bhfuilim oibrighthe go maith agat mar ar bhuadhas féin ort: go ndeaghais dian orm: gur chaitheas mórán duaidh do chur orm féin. Capall ró-oibrighthe de ló is d'oidhche é: gabhtha: go gcuirtear an iomad lé déanamh air. Beidh oibrighthe thart aca mara mothalluighir thu féin: dulta chun cinn aca. Mothuighim go mór an lá, táim oibrighthe ó thalamh aige: mórán mór dá dhuadh fachta agam. Oibrighthe ó Dhia is dócha atá an chloch san: lámh Dé is bun léi. Oibrighthe ó chroidhe amach aige dhom d'iarraidh bearta d'fhagháil dom: go lán-dúthrachtach chun me do chur in ionad. An fhaill oibrighthe fúithi isteach ag an bhfarraige: an bun thíos ithte aice. Oibrighthe ag an ngaoith ar na crannaibh: a rian fágtha aice ortha: a ndíoghbháil.

oibrightheóir: *f.3.* fear oibre, sclábhaidhe. Duine nó rud a ghníos obair. Ní raibh mo scian ach curtha tharm agam agus ar iompódh chun a tógtha bhí sé bailighthe léi, nách dóigh leat ná gur oibrightheóir tapaidh a sciob í?: duine nár bh'fhada an mhoill ar beart do dhéanamh. Oibrightheóiridhe an bhaile mhóir ar stailc: lucht oibre: sclábhaidhthe. Oibrightheóir práis: ceárdaidhe a dheineas nidhthe de phrás.

oibriughadh: *f.* (*-uighthe*) do dhéanamh ruda; do bheith ag gabháil do rud chun a dhéanta; do dhéanamh goilleamhna (ar); saothrughadh, ag gluaiseacht (inealltóireacht). Le hoibriughadh deich n-uaire chluig, ach gan fé n-a bhun san, bheadh sé déanta fé Shatharn: bheith ag gabháil do an eaga san. Ag oibriughadh ó dhubh dubh: ag déanamh ruda éigin ar feadh an lae ar fad. Aon mhac san ár dTighearna a geineadh le hoibriughadh ón Spioraid Naomh: lé gníomh (míorbhailteach). "Tionnscnann do theanga urchóid, amhail géir-scian bheárrtha. Ag oibriughadh go cealgach" (Sailm LII. 2): ag déanamh an ghnímh gur do í. Toisc neamh-oibriughadh na purgóide air tugadh ath-cheann do: nár chorruigh sí a chliabhlach. Tá an t-aoileach géar ag oibriughadh ar an mbarra: ghá chur ag fás. Má tá neamh tuillte ag aon pheacach is agat ar a bhfuil d'oibrighthibh na trócaire déanta agat: gníomhartha na maitheasa. "Óir is é Dia mo rí riamh ag oibriughadh slánuighthe i meádhon na talmhan" (Sailm LXXIV. 12): ag saothrughadh chun anamann do shaoradh. Is eól dom go bhfuil sé dian, deacair ach bí ag oibriughadh leat: ag leanamhaint ded láimh. "Ar a ndeárnadh feadhmannach dhíom-sa dréir thiodhlaicthe grás Dé a tugadh dom maille lé hoibriughadh bríoghmhar a chómhacht san" (Epes. III. 7): réamh-aire agus cabhair neimhe.

oidhche: *b.4.* an seal aimsire idir fuineadh agus éirghe gréine, an tráth den ló go scuireann an ghrian de sholas do thabhairt uaithi; doircheacht; daille eólais; cóisir um oidhche. Brostuightear, tá sé n-a oidhche: an doircheacht chughainn. Beidh oidhche cheóil is rinnce againn: beimíd ag éisteacht lé ceól agus ag rinnce. Oidhche áirighthe éigin: seal subháilceach againn. Lé méid na splannc dheineadh lá den oidhche go bhfeicfeá an fhrigh do bhaint: ghealadh an oidhche. Mar bhuailfeá do dhá bhais ar a chéile do dhein oidhche den ló: dhoirchigh sé. Tá n-a oidhche san uaimh seo, ní bhreithnighim faic: dorcha amach. Oidhche shúgach agus maidean bhrónach póca folamh is cóta salach: dán an té a bhíos ag ól. De ló is d'oidhche bím ar m'aire féin air: gan stad, gan sos. Beidh an oidhche saor agam: an oidhche do chaitheamh lé haoibhneas ón dtigh is ó obair. Is fada roimhe seo agus b'fhéidir gur fada airís go mbuailfimís lé chéile deinimís oidhche dhe: í do chaitheamh lé haoibhneas, lé súgachas is rí-rá, lé clampar is digh (go

minic). Maran b'é am duit teacht chugham é i gcoim oidhche: fé bhrat na hoidhche. Cuir umat t'fhalaing oidhche. Sid é an clog oidhche, iascaireacht oidhche, obair oidhche, etc.: a bhaineas leis an dtráth san amháin. Éan oidhche an gurdal agus an ceann cait: ist oidhche a thóruighid a gcuid. Dá fhaid é an lá tig an oidhche: dá fhaid a ritheann le rud tagann críoch air: an rud a bhíonn lé bheith bíonn sé: deirtear mar gheall ar an mbás lé duine an-aosta é, nó lé haon rud a bhíos dhá thuaradh lé tamall fada. Is ait mar chaitheann sé a bheatha, oidhche annso is eadarshuth annsúd aige: lé fánaidheacht: gan lonnughadh fada in aon áit. Chaitheas ló go n-oidhche ar an aiste mhío-ádhmharaigh sin .i. an oidhche ar fad (amháin). Ní mór an rath a bhíos ar dhorn-fhásc oidhche .i. bheith ag útamáil nó ag oibriughadh sa doircheacht. Ná bíodh eagla ort go mbainfidh sé codladh na hoidhche dhíom-sa Seán Buidhe bheith dhá bhúrdáil: go mbeidh buadhairt ar bith orm. B'áidhbhéil an fás a bhí fé, an méid ná borradh an lá dho bhorradh an oidhche dho: bhí síor-fhás fé. "Go dtuitidh an oidhche ort", deirtear lé duine lé míchéadfadh nó lé rud a chlipfeadh thu. Go dtuitidh an oidhche orm má dheineas é (orm-sa má théighim etc. ann), deirtear san lé diongmhálacht go mbíonn duine i ndáiríribh. Oidhche luain etc. shathairn etc.: an oidhche a leanas laetheanta na seachtmhaine; ach oidhche nodlag agus na bhféilidhe eile: an oidhche roim an lá ar a dtuiteann an fhéile; ach oidhche lae nodlag .i. oidhche an sé lae fichead. Oidhche mhodar-dhorcha, cheódhmharánach nárbh fhuraiste rud do fheicsint go soiléir: neamh-sholasmhar. Oidhche mhodar-ghealaighe go bhfeicinn romham uaireannta go maith agus uaireannta ná feicinn: ná raibh an solas ró-léir. Oidhche spéir-ghealaighe againn gur bh'fhuraiste an bóthar do mheabhradh: oidhche gan ghealach ach í do bheith solasmhar. B'fhearr lé daoinibh áirighthe oibriughadh ist oidhche 'ná ist ló: san oidhche. Ar shroichstint dóibh do bhí sé i ndiaidh na hoidhche go maith: an oidhche ann lé tamall. Lé tuiteam oidhche beir ann: ar a teacht. Ar thuitimín (fíor-th.) oidhche cé bhuailfeadh chughainn isteach ach é: leis an amhscarnaigh. Lé heascaradh lae is oidhche: lasadh na soillse: an amh-dhoircheacht: tráth nár threise ar aon taobh aca. D'éirigheas in eascradh lae is oidhche, ar éigean a aithneófá rudaidhe thar n-a chéile, sara raibh an lámh uachtair ar fad ag an lá. Ó shiubhal oidhche do fuairis an slaghdán san: bheith amuigh is ag gabháil tímcheall an tráth san. Fág rud éigin i gcóir cuid na hoidhche, an séire: an bhéile dhéidheannach den ló. "Ná fág cuid na hoidhche anocht fé mhargadh an lae ambáirigh": an rud is féidir leat do dhéanamh anocht ná fág ag brath ar an lá ambáireach é. "...ansan do ghlac an t-óganach a leanán agus rug amach chúcha í agus do bhíodar aice agus thruailligheadar í ar feadh na hoidhche go maidean etc." (Breith. XIX. 25): i rith: faid mhair. "Ar son na hoidhche sin sealbhuigheadh doircheadas í, ná ceangaltar í de laethibh na bliadhna, ná tigeadh sí in uimhir na míos" (Iób III. 6): an tráth a saoghaluigheadh Iób. Choidhche ní ghealfaidh an lá ar oidhche mo bhróin: doircheacht is aindeise m'amhgair. Iostas lae is oidhche lé fagháil sa tigh seo: cóir bhídh is dighe is leapan is lonnuighthe ó ló go chéile. Dá mbeinn ag obair go hoidhche dho, an buidheachas céadna aige orm é: go dúthrachtach gan stad, faid is bheadh solas oibre ann. Ist oidhche arbhu airéir do thána: an oidhche roim an oidhche airéir; agus ist oidhche arbhú ambáireach a imtheóchad: an oidhche i ndiaidh na hoidhche ambáireach. Níl ann ach scléip na haon oidhche: oidhche amháin. An chéad oidhche in Éirinn a chloisfeam na bradáin do bheith ar an abhainn ragham ag bradaidheacht ortha .i. ní fanfam le hoiread agus oidhche do scaoileadh tharainn. Is gearr uaidh an chabhair, ní fada go mbeidh oidhche againn air: tórramh tobac, deoch is biadh ina thaobh san. An fada go mbeidh oidhche againn ort?: ar bhainis do phósta. Mise friothaire na hoidhche anocht: an té a bhéas ar faire is ar aire. Pian is gearán

uirthi ó oidhche go maidean: ar feadh na hoidhche ar fad. Leis an oidhche a beirtear ar an iasc so: um an dtaca san. Is éascaidhe leis an oidhche 'ná leis an lá é: agus an oidhche ann. "Agus do bhí an fhearthainn ar an dtalamh ceathracha lá agus ceathracha oidhche" (Gen. VII. 12). Oidhche dhom ann: chaitheas oidhche ann: oidhche amháin dá rabhas ann. Beidh guardal oidhche againn anois d'fhéachaint cá bhfaghfar an fánaidhe: clampar is cuardach. "Annsan adubhairt an Tighearna, do bhí truagh agat don scáth nách tu do shaothruigh, ná thug air fás, a tháinig aníos in oidhche agus d'imthigh seachad in oidhche" (Ionah IV. 10): in aon oidhche amháin. Is oireamhnach an oidhche chun gadaidheachta í, tá sí fiadhain, dorcha: i gcóir. Oidhche go maidean seadh í .i. pé rud atá ar siubhal nó pé aiste, beidh an lá ar n-a bháireach ann sara scuirtear (de). Oidhche thar oidhcheanntaibh tar éis an bháire í: oidhche go mbeadh cuimhne uirthe lé n-a feabhas is a haoibhneas. Oidhche thar oidhcheanntaibh ar Lonndain dob eadh í, chúig céad áthrach aoir do mhaidhmeadh: a leithéid eile níor thaithigh sí. Suas oidhche ná taithnigheann liom is ná réidhtigheann lém shláinte: áirneán. Tá sé in am suip (suain, codlata), tá an oidhche ag aosughadh: ag dul i ndéidheannaighe. É i meádhon oidhche an turcaidhe anois, is mithid dos gach éinne bheith ar a luing shuain: siar go hárd san oidhche. An oidhche fén dtor agaibh ar bhur suaimhneas annsan, biadh is deoch is tobac is seanchaidheacht agaibh: oidhche lán-shubháilceach, lán-aoibhneasach. Ní athruigheann an oidhche rud ná go bhfaigheann an lá locht air: ní hé an crot ná an deallramh céadna a bhíos ar dhuine sa ló is bhíonn ist oidhche. Idir oidhche is ló bead ag cuimhneamh ort: gach tráth beir im smaointibh.

oide: *f.4.* múinteóir, ollamh, teagascthóir, cáirdeas, oileamhnaidhe. Mise oide baistighe an leinbh sin: cáirdeas Críost. Oide le Gaedhealaing sa scoil me: mo chúram G. do mhúineadh ann.

oideachas: *f.1.* teagasc, foirceadal, múineadh, oileamhaint, léigheann, tabhairt suas. Oideachas na hÉireann: an múineadh a tugtar ins na scoileannaibh. A gharsúin, ní maith iad do bhéasa, is maith an t-oideachas do fuairis (searbhas): múineadh: tabhairt suas.

oidheadh: *b.4.* dán, an rud a bhíos tuillte ag duine. B'olc an oidheadh ort gan é d'fhagháil: an cúiteamh: an tuilleamh. Oidheadh mhór charthanachta éinne go mbíonn easbhaidh air: naoidhe déirce. Is mór an oidheadh mná é, gan éinne a bheirbheóchadh ná a ghlanfadh do: is mór mar theastuigheann céile uaidh. Is olc an oidheadh ort aonnidh do dhéanamh: an díol: ní fiú thu é.

oideas: *f.1.* ₇ *3.* foirceadal, múineadh, cómhairle; treórughadh chun ruda éigin do chaitheamh (cogasaidhe etc.); formáil i gcóir leighis; an leigheas féin. An iomad oideasaidhe dochtúra do mhairbh a fear uirthi, dar leis an sean-mhnaoi: cogasaidhe. Thugas an t-oideas dochtúra go dtín bpoitigéaraidhe: scríbhinn leighis. Ar bhfeicsint duine óig ag déanamh rud mío-chuibheasach, déarfaí go searbhasach, "tá oideas ort, a bharránaigh": tabhairt suas maith: nó "níl aon easbhaidh oidis ort". Caithfear oideas do thabhairt duit, sara bhféadair san do dhéanamh: múineadh. Sid é fear m'oideasa: an té a mhúin is a stiúruigh me. Ar an bhfínéacht do thug sé uaidh bhí oideas maith air i bhfad agus go minic roim lá na cúirte: cómhairle. Sean-duine go bhfuil mórán béal-oidis aige: mórán seanchaidheachta ar bhéasaibh, nósaibh is gnáthamh ár sinsear fachta ó bhéal go

béal. An mbeadh aon oideas agat don láimh thinn seo sara dtuitidh sí dhíom: leigheas nó cómhairle.

oidhre: *f.4.* duine a thagas, ar bhás dhuine eile, i seilbh coda an duine sin dréir dlighe; ina mhac nó ina ghaol do; duine atá i dteideal coda an té ná maireann dréir na dlighe nó go bhfágtar an chuid aige; duine go mbíonn súil aige teacht i seilbh coda trí udhacht nó ar shlighthibh eile; duine go mbíonn dúthchas a shínsear ann; tréithe (olc nó maith) deallramh, clódh etc. nó a bheith cosamhail leat ar thréithibh iongtacha; leanbh do thógann lánamha gan clainn chun a gcoda d'fhágaint aige. Níl aon oidhre ar a athair ach é, tá sé tuitighthe sa chlódh chéadna: tá sé ag dul lé n-a athair: i ndeallramh is i ngníomh tá sé an-chosamhail lé n-a athair. Tar éis an fhliucháin sin níl aon oidhre ar circín a bheadh as an sileadh mhaol, bháidhte ach thu: circín in aithbhreith. Aon oidhre ar chraosaire ag itheadh ach é: itheann go suthamhail ar nós. Toisc ná raibh aon chlann ortha thógadar isteach oidhre: dheineadar uchtmhacnadh ar leanbh a thiocfadh i seilbh a gcoda. Dhein sé oidhre den mhac óg, nuair ná raibh aon éileamh ag an gcuid eile fanacht sa bhaile: tugadh teideal do gur aige bheadh cuid a athar tar éis bháis dó-san. Mhaoidheadh an Franncach (agus an Sasanach an dálta céadna) gurbh é féin oidhre na saoirse: tréith áirighthe spiride i ndúthchas aige. "Agus adubhairt Ábratham, féach, ní thug tú síol ar bith dhom; agus féach aon a rugadh im thigh is é is oidhre orm" (Gen. XV. 3): is é a shealbhóchaidh mo chuid dréir udhachta. "Óir ní tríd an ndlighe do rinneadh an gheallamhaint d'Ábratham nó dá shliocht go mbeadh sé ina oidhre ar an domhan, acht trí fhíréantacht an chreidhimh" (Rómhánaigh IV. 13): go bhfágfí aige é dá chuid féin. "Éistidh, a dhearbhráithreacha grádhacha, an é nár thoigh Dia boicht an tsaoghail seo saidhbhir i gcreideamh agus ina n-oidhridhibh ar an ríoghacht a gheall sé don druing a ghrádhuigheas é" (Séamas II. 5): dream a shealbhóchadh í. An tslighe a ghléasann sé is gan feóirling ina spaga is a thógann a cheann san aer, níl oidhre ar lag-dhuine uasal ach é: clódh agus imtheacht duine a bhíos d'iarraidh bheith uasal, galánta acht gan gustal aige air. Mise oidhre dlistineach m'athar, is me an mac is sine: an té gur ceart do a chuid do shealbhughadh ina dhiaidh. "Cia bhus oidhre dot shaidhbhreas seóide?": cia leis go dtuitfidh?

oidhreacht: (**oighreacht**) *b.3.* aon rud a fágtar le hudhacht ag duine; an fagháltas a shealbhuigheas duine mar oidhre ar dhuine eile; aon rud a thagas lé dúthchas – aicíd, féile, scrothaidheacht, sprionnlaitheacht, etc.; tréithe sínsear do ghabháil; rud a thagas anuas ó ghlúin glúin i dtigh mar cloidheamh, láimhscríbhinn, etc.; aon cheart nó seilbh go mbeadh duine ina theideal de bharr a bheartha. An sean-leabhar san oidhreacht sa tigh é leis na céadtaibh: tá sé ann ó bhliadhain bliadhain ó ghlúin glúin. Níor fhág an t-athair aon oidhreacht aige: faic in ao'chor lé hudhacht. An talamh so m'oidhreacht-sa: is liom dréir cirt mo bheartha é. An droich-mhianach atá ann ní maith an oidhreacht í: atá beartha aige leis lé dúthchas. An bleaigeárd d'fhág sé oidhreacht aice: chuir sé ó chrích í. Chidhim oidhreacht agat tar éis na bruighne, súil bhreágh dhubh: rud lé coimeád nó a leanfaidh duit ar feadh tamaill. Thuit oidhreacht air ó úncail do san Astráil: fagháltas maoine talmhan nó a leithéid trí udhacht nó tríd an ndlighe.

oidhreachtamhail: *a.* dúthchasach, do theacht dréir oidhreachta nó ó shínsearaibh. Mianach oidhreachtamhail mianach na féile ann: budh dhual do bheith mar sin ó n-a

mhuinntir roimis. An éagconntacht atá ann rud oidhreachtamhail í, tháinig mórán roimis a bhí leath-éadtrom: dúthchasach: máchail incheann a thug sé ó n-a shínsearaibh leis. Ní hé fear oidhreachtamhail na corónach é: atá i dteideal dul i gcoróin.

oifig: *b.2.* áit nó seómra (seómraidhe) mar a ndéintear obair cléireachais, cunntais airgid is riartha gnótha cómhlachta etc.; ionad, beart; dualgas; seirbhís áirighthe creidimh; roinn nó earnáil phoiblidhe, aireacht, a cómhachta uile, a feidhm agus a foireann riartha. Oifig an phuist: an áit ina riarthar is go dtrialltar leitreacha, beartáin etc. Oifig an chogaidh, na talmhaidheachta, etc. An bhfuairis aon oifig fós? is fada díomhaoin duit: beart: ionad. Oifig múinteóra atá aige: beart ag múineadh. "Dá mbeadh ár gcamplacht poilitidheachta-ne in oifig", ars an fear thall, "ní bheadh an tír ag dul chun an phota mar tá": i gcómhacht. San oifig a íocfair is ní ag an gconntabhairt: mar a mbíonn na cléirigh. Léigheadh oifig na marbh air: an gnás atá ag an eaglais. Caithfidh an sagart a oifig do léigheamh sara dtagaidh sé chun cainnte leat: seirbhís áirighthe, mar léigheamh as an bportús. Oifig na marbh: na húrnaighthe léightear ar shochraid.

oifigeach: *f.1.* duine go mbíonn oifig aige, san arm cuir i gcás, ceann feadhna; duine in úghdarás nó in ionad muirearaighe. Oifigigh mhóra an stáit: airidhe, etc. Oifigigh airm, gárdaidhe etc. go mbíonn ughdarás is smacht aca ar fhearaibh, etc. a bhíos curtha ina gcúram. Oifigeach lé Bórd um Shláinte: duine go bhfuil sé de dhualgas air cúirimidhe áirighthe d'fhreastal. Bhuail sé chugham isteach is cuma an oifigigh air: mar bheadh ar dhuine gur thaithighe dho riar agus smacht do choimeád nó ughdarás do bheith aige.

oifigeamhail: *a.* ag baint lé hoifig, beart, ionad, muirearaighe, ughdarás etc.; ughdarásuighthe; do theacht ó oifig nó ó dhuine i gceannas; mar is cuibhe d'ionad ughdarásach. Cuireadh leitir oifigeamhail chugham ag bagairt na dlighe orm mara ndíolainn ar an dtaobh istigh de cheithre lá dhéag: go raibh ughdarás léi. Sé an t-ionad oifigeamhail atá aige, gurb é an t-árd-chléireach é: ionaid nó beart ughdaráis. B'é a dhualgas oifigeamhail an t-airgead do chur i dtaisce fé ghlas tar éis gnótha an lae do bheith críochnuighthe: bhí san de mhuirearaighe air, de bhrigh an ionaid a bhí aige. Ní ráidhteachas oifigeamhail go gcuirfear an t-ím ar an mír: níl bunadhas an úghdarais leis. Fuaireas freagra oifigeamhail ná raibh aon chao, aon dul, agam ar ghual d'fhagháil: ón áit go bhfuil ughdarás aca a thabhairt nó a choimeád.

óige: *b.4.* an bheatha ina túis, an tráth den mbeatha idir naoidheántacht agus foirbhtheacht; daoine óga; tréithe cuirp is inntine an duine óig; bríoghmhaireacht, éascaidheacht. Mol an óige is tiocfaidh sí: bí léi is raghaidh chun cinn. Is iomdha rud do dhéineann an óige ar an dtaobh amuigh dá dtuigsint, bíonn ceann caol uirthi: neamh-ghasta: neamh-aireach. Im óige dhom budh bheag mo shuim sa tsaoghal acht ag déanamh gach ruda b'aite 'ná a chéile. "Ní mhillfidh mé airís an talamh ar son an duine ó so amach óir is olc smaoineadh chroidhe an duine ó n-a óige etc." (Gen. VIII. 21): ó laetheanntaibh tosaigh a bheatha. "Is mór an óige orainn bheith gan chiall tamall": ar leigeant lé n-ár gclaontaibh grinn is aitis chuir sé aith-bhríoghmhaireacht ionainn. Tar éis deich mbliadhna fichead nó mar sin brathaimíd an óige ag dul ar gcúl: an anamamhlacht is an éascaidheacht cuirp. Chuir sé chúig bhliadhna óige orm an turus aoibhinn sin do thabhairt: bhraitheas chómh héascaidh, éadtrom i gcroidhe is i gcorp is bhíos chúig

bhliadhna roimhe sin. “Gol leinbh óig nó ochán seanduine”: nádúrtha iad agus mar sin ní cuirtear suim ionta. Phósadar go luath ins na déagaibh, bíonn an óige ar buile: déineann an té go mbíonn sí aige rudaidhe ná déanfadh ar mbeith níos aosta dho. Ag dul in aois do ag dul in óige dho: cuma níos óigínighe ag teacht gach lá air agus fuadar is imtheacht fé ná beadh dá mbeadh na bliadhanta ag luighe air. As an óige is fusa an tslat do lúbadh: nuair bhíonn an duine óg seadh is fusa smacht do chur air agus is éascaidhe é chun rudaidhe d’fhoghluim. Is maith an rud an óige don té a chuirfeadh mar is cóir í: i dtúis a shaoghail an tráth ceart ag duine chun a bheatha do léiriughadh dho féin. Scaoil leis an turus so, is iomdha rud ait do dheineamair féin tráth, an óige atá ag cur air: an mheanma mhear, rúiseach a ghaibheas lé beagán na mbliadhan. “Óir scríobhann tú nidhthe searbha im aghaidh, agus bheir tu orm sealbhughadh in éigceart m’óige” (Iob XIII. 26): na droichbhearta a dheineas nuair bhíos i dtúis mo shaoghail. “A thréigeas eólaidhe a hóige agus dhearmhadas connradh a Dé”: an té a threóruigh í nuair a theastuigh sí uaithí is í beag óg. “Is mairg a mhaireann lé bheith críonna nó a caillltear i mbaois na hóige”: um aois ná bíonn aon chiall aige. Ghabhadar lé chéile gan pingin ruadh ina bpóca i gcóir a saoghail, baois na hóige ag cur ortha: an neamh-chiallmhaireacht a bhíos san duine sara dtagann an tuigsint is an t-eólas trí thaithighe ar an saoghal chuige. Is mairg ná baineann ceól as an óige faid is bhíonn sí ag duine: aoibhneas an fhaid is d’fhág an t-aos an cumas aige air. Is mairg a thugann droich-mheas don óige: ná cuireann í i slighe go mbainfeadh áis cheart aiste. Óige na dúthchaighe fiadhain glan lé teasbach chun scléipe gan faic dhá thaidhbhreamh dóibh ach a n-aoibhneas féin: na daoine óga: ógánaigh idir bhuachaill is chailín. An té ná múintear as a óige ní féidir é do mhúineadh ina shean-aois: an té ná tagann ciall do i dtúis a shaoghail ní bhíonn aon dul aige uirthi i ndeireadh a shaoghail.

óigeacht: *b.3.* ar aiste bheith óg. “Ní hag dul in óigeacht atá éinne againn”, ars an fear agus osna ann .i. an t-aos ag éalughadh orainn an uile lá is sinn ag druideamhaint leis an mbaile. Ní leigfeadh a muinntir di é do phósadh lé n-a hóigeacht: toisc gan ach beagán na mbliadhan do bheith aice. Tá sí óg ach cá bhfuil a hóigeacht? ní ina deallramh é ná ina himtheacht: tréithe chlóidh is aigne na hóige imthighthe.

oigheann: (**oighean**) *f.1.* árus leathan íseal mitil nó cré i gcóir áise an tighe; arús de bhríc nó de mhiteal i gcómhfhogus teineadh chun bídh do bhácáil nó rudaidhe do thriomughadh ann. Éirigh aiste mar chaoire anois beidh sí le cur in oigheann agat: lé n-itheadh. Is éascaidhe bior ná oigheann: is túisce do bheadh feóil réidh lé n-itheadh ar bhior ’ná as an uisce in oigheann. Cad dob áil leat ag cainnt mar sin ar a fheabhas atáid as, ná fuil “an taos leis an oigheann” aca gach aon lá dá n-éirighid dá leabaidh: an císte déidheannach ag bácáil aca: iad ar bhruach na gorta. D’íosfadh san aníos as an oigheann anois tá an oiread san ocrais air .i. gan an biadh bheith beirbhthe ina cheart. D’íosfadh sé oigheann feóla: dúil mhairbh i bhfeóil aige. Níl sí (feóil) in oigheann ná i bpota againn: mar seo ná mar siúd. Chuirfeadh sé in oigheann duine, sin é saghas aigne atá aige: bheirbheóchadh ina bheathaidh duine.

oighear: *f.1.* ₇ *5.* (*-ghir*, *-ghre*, *-ghreach*) méiscridhe tinne ar an gcneas ó fhuacht is ó ghaoith; uisce reóidhte; ciapadh; clipeadh. Cuirtí lóipínidhe ar na cosaibh ag cosaint an oighir in aimsir sheaca: méiscridhe: fuachtáin. Mo chosa chómh fuar leis an lic oighir: an sceódh a chruadhas ar uachtar an uisce lé déine fuachta: an-fhuar ar fad. Ná bac an té ná

fuil oighear a bheatha ann: cumas is fonn. Dá mbeadh a oighear dul ina chóir agat ar nós dhaoine eile ní bheadh aon cheal plúir ort má tá sé gann féin: d'anamamhlacht is de speach. Táim gan tart gan ocras gan oighear sa tigh bheag sheascair seo: fuacht: ar mo thoil. Ná tairng oighear na ndaoine ort lé bheith ag tromaidheacht ortha: oirbhire: fearg. In ainm Chruim ná bí ag síor-oighear orm, tabhair sos éigin dom: ciapadh. Is é oighear an scéil nách fios dom cad é chúis go bhfuil in úrlámhas: an chuid is mó a ghoilleann orm. Rinne sé liathróid seaca airéir ní fuláir liom, tá sceódh beag leac oighre (oighreach) ar gach luig. Táir ag siubhal ar lic oighir, seachain tú féin ar cad déarfair: ag tagairt do nidhthibh gur bh'fhearr leigeant dóibh. Ar bhfeicsint dom an leac oighir bhí ina féachaint is ina gnúis do chúbas: scéimh choimhtheach.

oigheartha: *a.r.* géar, searbh, nimhneach, ciapánta, spólta, méiscrighthe. An ghaoth oigheartha anois sa Mhárta a dheineas mo dhíth, gaibheann sé tríom gan aon fhuarthan d'fhagháil uaithi: gomhamhail nimhneach, géar. Ní maith liom an teanga oigheartha atá aice: teanga bheárrthach, nimhneach. Mo ladhracha agus drom mo lámh chómh hoigheartha ná féadfainn mo mhéireannta do shíneadh ná bruic lé teangmháil liom: gearrtha, spólta ag an bhfuacht cruaidh is an sioc. Is deacair do dhuine gan bheith oigheartha nuair bhíonn an saoghal ghá chiapadh go ró-mhór: soifheirge. Ól an deoch oigheartha san, tá fionnfhuaradh innte lá beirbhthe brothallach mar é seo: go mbíonn leac oighir curtha uirthi.

óigíneach: *a.* óg i ndeallramh (maidir le daoinibh isteach san aois); scafánta. Táir chómh hóigíneach dom is dá mbudh ná beifeá a deich fichead: taidhbhsighir an-óg dot aos. Nách óigíneach a bhrathann sí go bhfuil fonn pósta uirthi is í ag déanamh ar an leath-chéad: brigh is anamamhlacht na hóige innte. Seanduine óigíneach: scafánta.

óigíneacht: *b.3.* deallramh is scafántacht na hóige. Ní chaillfir an óigíneacht go deó, dar fiadh, tá croiceann chómh glan snasta ort lé fear fiche bliadhan: úireacht is éascaidheacht na hóige. Féach ar mo sheanduine, gach léim as a chorp aige, níor fhág an óigíneacht fós é: an bheódhamhlacht is an mhire a bhí ann.

oil: *b.2.* máchail, locht, éalaing, tarcuisne. Tá sé agat gan oil: go h-an-mhaith: gan locht gan máchail. Ná tabhair oil d'éinne, scaoil gach nduine thart: easonóir nó tarcuisne.

oil-bheart: *b.3.* droich-ghníomh; beart nó gníomh neamh-chomhthrom. Níor imir sé oil-bheart ar neach riamh, thug sé comhthrom uaidh is bhain comhthrom amach: mí-ghníomh. Oil-bheart ag imirt ceileabhradh: rud nách ceart do dhéanamh. Oil-bheart seadh cliseadh ar dhuine go mbeadh geallamhaint tugtha dho.

oil-bheartach: *a.* droich-ghníomharthach; cam. Iontaoibh as so go dtí an doras ní bheadh agam ar ár namhaid, riamh agus i gcómhnaidhe oil-bheartach ina gheallamhaintidhibh agus ina riar tíortha fé n-a smacht: cam: fealltamhail. Beidh an duine oil-bheartach do shíor ar tí do dhíoghbhála: an té a bhíos ag beartughadh an uilc.

oil-bhéim: *b.2.* máchail, locht, éalaing; aithis, náire. Oil-bhéim éigin in áit éigin ná fuil ag éirghe i gceart leis an ionnsaighe seo: máchail: rud éigin riachtanach ar mí-ghléas. Is

beag againn oil-bhéim do thabhairt do Dhia agus is orainn féin do bhíonn an bhuile nuair gheibhimíd: easonóir: mío-thaithneamh. Buidheachas do Dhia gur féidir liom mo cheann do thógaint go neamh-náireach nár thugas oil-bhéim d'éinne riamh: tarcuisne: táir.

oil-bhéimeach: *a.* aithiseach, náireach, tarcuisneach, táir, máchaileach. Cainnt oil-bhéimeach os chómhair leanbh, go gcuirfí an dlighe go trom ort ina taobh: scannalach, a thuilleas mí-mheas agus aithis. Ainmeacha do thabhairt ar mhnaoi, rud oil-bhéimeach seadh é: aithiseach, náireach. An fearamhail ná meastamhail an rud duit do bheith ag leathadh ráflaidhe oil-bhéimeacha ar éinne: a thugas dith-mheas do. Teanga oil-bhéimeach aige ná stadann ach ag suainseán: cúl-chainnteach.

oileáinín: *f.4.* oileán beag. Portach é seo ina oileáinín leis féinidh: é deighilte ón gcuid eile is cuma chruinn air. Oileáinín mara seadh Beig-inis: beagán talmhan go n-uisce ina thímcheall.

oileamhaint: *b.3.* (*-mhna*) d'altrom, do thabhairt suas; banaltras, cothughadh, biadh; oideachas; béascnadh; múineadh; biadh suiméarach – go mbíonn fás agus neart ann; teagasc speisialta d'fhonn eolas ceart d'fhagháil ar ghairm, ar chéird nó ar chúram áirighthe; taithighe do dhéanamh chun bheith eólgaiseach. Caithfidh sé dhá bhliadhain do chaitheamh i gcoláisde oileamhna sara mbíonn sé ina cheann feadhna rithte: go mbeidh sé ag gabháil trí chúrsa smachta, múinte agus oideachais d'fhonn a ghairm do bheith ina ceart aige. Táir ar oileamhaint mhaith an lá atáir i bhfochair mo dhuine, aon nidh ná múinfidh seisean duit ní fiú a áireamh: teagasc maith dhá fhagháil agat. Mo mheas-sa air gur cladhaire breágh, slachtmhar é agus gurb é sin oileamhaint a tugadh air: múineadh is teagasc. Im bhunóic cuireadh ar oileamhaint go tigh mo shean-mháthar me: altromas: le tabhairt suas: me do chothughadh is do mhúineadh. Táid ró-lag is gan iad ar chumas déanamh dóibh féin, mar sin beidh orm-sa iad d'oileamhaint: do chothughadh. Má leantar ar bheith ag lagughadh an leanna duibh ní mór an oileamhaint a bheidh ann sa deireadh: neart cothuighthe suiméar. Ar an gcnáimhseán a bhíos ag cuid des na daoinibh ar an arán nuadh so budh dhóigh leat ná raibh aon oileamhaint ann: biadh chun neartuighthe is fáis. Is treise dúthchas ná oileamhaint: is cuma cá hiarracht do tugtar ar nidh do mhúineadh do dhuine ní sháróchadh sé ar é do bheith sa bhfuil is sa bhfeóil aige. Sin é an biadh go bhfuil oileamhaint na beatha ann: cothughadh maith cuirp. Ní ceal cinn atá air ach ceal oileamhna: múineadh is teagasc. "Do chaitheabhair bhur mbeatha i sáimhe agus i macnas ar an dtalamh; thugabhair oileamhaint d'bhur gcroidhthibh amhail i ló féasta" (Séamas V. 5): d'itheabhair is d'ólabhair. Is fiú do luach oileamhna chuiris ar mo shúilibh: is fiú thu d'íoc as ar mhúinis dom. Ní deacair a aithneamhaint air ná fuil easbhaidh oileamhna air, d'inneósadh a bhéasa agus glór a bhéil dhuit é: eascar tréithe agus feart na haigne is an chuirp. Ar mo dhícheall atáim ag oileamhaint na coise tinne seo: ag tabhairt aire dhi. Gá oileamhaint air: an toradh a thagas ar theagasc cinn: snástacht: béas: séimhe meóin: géire agus fuaimeant aigne is breitheamhnais. Ní bheadh t'oileamhaint orm ar an saoghal mór: do bheadh sé d'aithreachas dóighte orm do bhéasa is do shlighte do bheith agam.

oileamhnach: *a.* cothuightheach, suiméarach; múinteach, biadhach, altromach. Na prátaidhe plúracha atá ann is oileamhnach an biadh iad: tá cothughadh ionta: tabhairt nirt is fáis. Dá gcuirtí ar scoil oileamhnaigh é ar a ghéar-chúisighe agus a mheabhraidheacht

tiocfí tharais: mar a bhfaghadh sé oideachas is teagasc ceart. Ar do ghné is follus go bhfuil na baill oileamhnacha ar fheabhas aige: na baill a ionnramhálas an biadh. Sin leabhar oileamhnach anois agat ar thaisteal thar lear, léigh go cúramach é: go bhfuil eolas is treórughadh ann. Bí oileamhnach tímcheall na cneádha san, níl aon deagh-chuma uirthi: aireach, cúramach chun a leighis.

oileán: *f.1.* roinnt talmhan is uisce ina thímcheall; roinnt mhór phortaigh. Is fada fós go mbeidh ceal teineadh orm, tá oileán mór móna agam .i. a thaidhbhsigheas mar oileán toisc an phortaigh a bhí ina thímcheall do bheith bainte. B'fhearr liom mo shaoghal do chaitheamh teanntuighthe ar oileán mhara 'ná bheith ag bruic libh, a phaca an mhioscais .i. an iargcúltacht atá uaim. Muinntir an oileáin ní mar a chéile iad is muinntir na míntíre: is furaist d'aithint i gclódh is i dtréithibh iad. Nách ort atá an deabhadh, ní ar oileán ataoi: ní gábhadh dhuit aon eagla teanntuighthe do bheith ort. An t-oileán mór: an blascaod mór (an t-oileán thiar). Táir in oileán an uaignis annso: in áit ná fuil cur isteach ort: iargcúlta. An dóigh leat gur ar oileán do saoghaluigheadh me go bhféadfá bob do bhualadh orm .i. áit ná faghainn múineadh ná oscailt súl. "Agus d'imthigh neamh tharainn mar leabharán a filltear ar a chéile agus do hathruigheadh gach sliabh agus gach oileán as a n-ionadaibh féin" (Taisb. VI. 14). "Do dhéanfaidh me sléibhte agus cnuic ina bhfásach agus críonfaidh me a luibheanna uile agus do dhéanfaidh me oileáin des na haibhnibh agus triomóchaidh me na locháin" (Iosaih XLII. 15). "Éistidh liom-sa, a oileána, agus cluinidh, a dhaoine atá thar lear; do ghoir an Tighearna mise ón mbroinn; as ionathar mo mháthar do rinne sé luadh ar m'ainm" (Iosaih XLIX. 1): a áiteanna i bhfad ó bhaile sa bhfarraige. Is maith cúláisteach an leirg talmhan atá annso agat in aon oileán amháin: paiste.

oileánach: *a.* iomadamhail fé oileánaibh, aonarach, mar is dual agus is tréitheach do mhuinntir oileán. Bágh oileánach gur deacair maraidheacht do dhéanamh innte: lán de oileánaibh. D'fhonn bheith ó shiubhal na ndaoine is gur duine coimhtheach é, chuir sé fé in áit oileánach: iargcúlta: i bhfad ó chonbharsáid daoine.

oileánach: *f.1.* duine a chómhnuigheas ar oileán. Na hoileánaigh ag teacht i dtír. Is callóideach í beatha n-oileánach. In aon áit go bhfeicfeá iad d'aithneófa oileánaigh ar a siubhal.

oilidheacht: *b.* oileamhaint, gliocas géag is luath-lámhas, clisteacht, toradh oireamhna, taithighe is gnáth-eólais; meabhraidheacht aigne. Níl aon oilidheacht air i mbád: aon ghaois chun a seólta. Dá bhfaghainn t'oilidheacht-sa ar dhóirneáil budh bheag é m'eagla rómhat: oileamhaint: an teagasc riachtanach ar an ealadhain sin. Bheadh truagh agat do d'iarraidh rud do dhéanamh, mar ná fuair oilidheacht riamh: teagasc ná múineadh. Tar éis na hoilidheachta go léir atá fachta ar ghuna aige ní láimseóchadh sé capall bán duit: teagasc chun a ionnramhála is caithte leis. An obair shnasta, shnoighte atá déanta aige as an adhmad, tá oilidheacht ina láimh: eólgaiseacht.

oilim: *b.a.* altromaim, beathuighim, tugaim suas, teagascaim, aodhairim, saothruighim. Pé áit in ar hoileadh thú, a gharsúin, ní dheaghaidh an teagasc amudha ort: múineadh. Oileadh thar lear i ndiadhacht an t-easpog: cuireadh trí chúrsaidhibh teagaisc agus foirceadail áirighthe é. Oileadh go maith é as a óige ar mhaide rámha: múineadh é:

teasbáineadh do chonnus mar budh cheart é d'ionnramháil. Ní san gcoláisde céadna do oileadh chun múinteóireachta in ao'chor iad: a tugadh teagasc dóibh ar chúinsidhibh na healadhan. Mo shean-mháthair d'oil me nuair bhíos bídeach, beag ar bhás mo mháthar: a thóg, a chothuigh, a aodhair is a thug teagasc dom. D'oilis an fhilidheacht riamh, ní hiongadh go gceapair ranna maithe: shaothruighis í: bhís ag gabháil di go cúramach, dúthrachtach. Oileadh i gCiarraighe me: saoghaluigheadh, tugadh suas ann me, is pé oideachas atá orm is ann do fuaireas. "Gach dalta (leanbh) mar a hoiltear": dréir mar tugtar suas duine as a óige seadh ghníonn sé ina shean-aois. "Agus oilfidh me thu annsan óir atá fós chúig bhliadhna gorta ann d'eagla go dtiocfá féin agus do mhuinntir agus an uile nidh a bhaineas leat chun bochtaine" (Gen. XLV. 11): cothóchad thu. "Agus tiocfaidh i gcrích ins an ló san go n-oilfidh duine mart óg agus dhá chaoirigh" (Iosaih VII. 21): go gcothóchaidh. "Agus ar mbeith dho ar n-a theilgean amach do thóg inghean Pharó léi é agus d'oil sí é mar mhac di féin" (Gníomhartha VII. 21): thug sí suas é: d'aodhair sí é, chothuigh agus theagasc é.

oilithreach: *f.1.* deóraidhe, fánaidhe dearóil, fíothal, duine a théigheas ar thurus fada chun áit choisricthe nó scrín. Dá mbeadh sé ó chroidhe amach agat thabharfá déirc do mar má bhí cuma an oilithrigh ar éinne riamh do bhí sí air, traochta, lom-éadaigh, droch-bhrógach: fánaidhe aindeis. Oilithreach a bhí ar an ál banbh sin, ná tháinig crích ná crot air: fíothal: banbh dearóil. Oilithreach uain: ceann meathluighthe. Bhíos ameasc na n-oilithreach ar Chruaich Phádraig anuraidh: a chuaidh ann chun turasa do thabhairt. Ní rabhas riamh im oilithreach go dtí anois nuair gheóbhainn bean ní thógfainn í, is nuair thógfainn ní bhfaghainn í: im chácar: im phaor ar fad. Oilithreach sa dúthaigh seo me ní hinnte a rugadh ná tógadh me: deóraidhe: fánaidhe. Níl ionainn ar an saoghal so ach oilithrigh: lucht gearr-lonnuighthe.

oilithreacht: *b.3.* cuaird nó turus ar scrín nó áit eile lé cádhas creidimh; beatha an duine ar an dtalamh so. Deintear oilithreacht ar Chruaich Phádraig uair sa mbliadhain .i. téigheann sluaighte ann chun a mór-urrama don naomh d'fhoillsiughadh. Pé faid í is gearr í ár n-oilithreacht ar an dtalamh so i gcómhnáird leis an síorraidheacht mhór fhada, Dia linn: an seal fáin ar an saoghal so.

oilte: *a.r.* múinte, teagascuighthe, foghlumtha, tugtha suas, altromuighthe. Nuair chonnaic an bhean garsún an tuinncéara ag déanamh foghla ar a cuid ubh, adubhairt, "is maith oilte é an garsún": tá sé cliste ar a chéird. Deirtear más fíor é gurb iad is oilte amuigh ar luingeas aoir: is cliste chun a ndéanta is a seóladh. Dá mbeinn oilte mar thusa, bheadh an meas céadna agam orm féin is tá agat-sa: chómh cliste, glic ar nidhthibh. Clann oilte a b'eadh iad, dhealófá amach as lán ceanntair iad lé n-a míne is lé n-a séimhe: deagh-mhúinte, deagh-bhéasach. Fág fúm-sa é sin do dhéanamh táim oilte air: eólas agam air, trí thaithighe. Ní chuirim nath ar bith i ngothaidhibh ná i scaothaireacht an duine sin, is mithid dom do bheith oilte air: istigh ar a gheámaidhibh, ar a shlighthibh is ar a mheón. De cheal a bheith oilte a dhóthain chun múinte ní glacfí leis: cliste as theagasc. Dá oilte a bhí an fhínéacht curtha lé chéile aige fuairteas éasc innte: dá ghliocacht is dá chliste fuairtheas lúb ar lár. "...beidh tú id mhinistir mhaith d'Íosa Críost ar mbeith dhuit oilte i mbriathraibh an chreidimh agus an teagaisc mhaith dár lean tu." (1. Tiomot. IV. 6): múinte, tugtha suas. "Nách gleóidhte, glic do dhein sé an méid sin i ngan fhios d'éinne

beó" – "tá sé oilte": cliste: eólgaiseach ar rud do dhéanamh go tric cúthail. Níl aon áit dá ngeobhaidh sé ná go bhfuil sé oilte a dhóthain ar a shlighe bheatha do dhéanamh: a leór-dhóthain eólais aige agus an ghastacht riachtanach chuige. Nílim oilte ar lár na hÉireann do raghainn amudha ann: eólas. Is mithid do é, leis, tá sé oilte go maith ar na daoinibh: is eol do connus déanamh do thabhairt dóibh. Chómh hoilte lé cat ar dhrapadóireacht: cliste.

oilteacht: *b.3.* oilidheacht, deagh-theagasc; deagh-mhúineadh; eólgaiseacht. Ar a luighead oilteachta a bhí air is iongtach mar éirigh leis sa tsaoghal, é go hárd i gceannaidheacht is i bpoilitidheacht: múineadh is teagasc. Lé hoilteacht a méar dhéanfadh sí aon rud lé snáthaid duit: clisteacht is aicillidheacht. Obair í seo ná fuil oilteacht ar bith ag baint lé n-a déanamh, dhéanfadh aon chaimiteánach sclábhaidhe í: eolgaiseacht: aon eólas speisialta. Ina mheón, ina imtheacht, ina chuid cainnte d'aithneófá an oilteacht atá air: an dúthchas maith, an tséimhe is an deagh-bhéasaidheacht.

oilteanas: *f.1.* snastacht béas; béascnadh; géire agus éifeacht na hinntleachta is breitheamhantais. Duine uasal oilteanais: de shíol mhaith, foghluim, léigheann, teagasc is béasa dá réir air. Deirtear gurb í an tír is mó oilteanais sa domhan í go múintear is go saothruightear léigheann, ceárd is ealadha ann go heólgaiseach: snastacht is críochnughadh thar barr.

oinmhid: *b.2.* óinseach, amadán mná, baothán, stualán, amallóg. Aimid is óinmhid do phósadh lé chéile: amadán fir, amadán mná. Ina hóinmhid a bhí sí riamh ag mnáibh cómharsan ag tabhairt gach rud uaithi ar iasacht is ná filltí choidhche uirthi: óinseach, duine bog, baoth. Chuir droich-theangmhálaidhe éigin ó chrích í ina hóige, is d'imthigh ina hóinmhid fáin: ina hoilithreach bocht ó áit go háit. Ní hamadán in ao'chor me ach óinmhid cheart: duine gur féidir an bob do bhualadh air do shíor lé n-a neamh-ghéire.

óinmhideach: *a.* saonta, ait, amadántamhail, baoth. Ná bí chómh hóinmhideach is go gcreidfeá gach rud do chloisfeá dá fheabhas croiceann do bheadh air: saonta, soi-chreidte. Ní mhaireann sé an fear eile ach do leithéid féin ar leithrigh a bheadh chómh hóinmhideach is go gcuirfeadh a mbeadh aige ar chapall ráis: díthcéille: gan aon splanc céille. Cuir uait na geáitsidhe óinmhideacha: aite, ná beadh ag neach ach ag duine baoth.

óinmhideacht: *b.3.* baois, saontacht, geámaidhe, geáitsidhe leamha. Níor fhág an óinmhideacht riamh é, do dhéanamh gach aon ruda is aite agus is díth-céille 'ná a chéile: baois: aiteas. Chreidfeadh seisean leanbh as an gcliabhán lé méid a óinmhideachta: soi-chreidteacht. Sa rinnce dho, lé hóinmhideacht bhí sé ag bualadh ar gach rinnceóir eile is ag caitheamh carbhall leamh leó: baoth-ghleáchas.

óinseach: *b.2.* óinmhid, baothán mhná, amallóg, stualán. Ní mise a bhí im óinsigh ach tusa a phós me .i. budh mheasa thusa nár thug mo lochtaidhe fé ndeara. Tugaim seo dhuit-se is bím féin im óinsigh: bím go ciotach gan é. "Fallaidhe fuara do ghní óinseacha": ní bhíonn crích ná áird ar thighthibh óinseach. Ní hamadán in ao'chor me is me do mhealladh chómh sonaoideach so, ach amadán óinsighe: amadán a bheadh ag óinsigh: ceann críochnuighthe amach is amach. Imthigheann an t-ór is fanann an óinseach: caithtear an spré agus maireann an bhean gan chrích. Sé tionnlacan na n-

óinseach agaibh é: duine ag filleadh ó n-a thriall leis an té a thionnlac é go triall nó baile an duine sin, agus an duine sin ag déanamh an ruda chéadna. Ná bí it óinsigh ag éinne agus déin do ghnóth go gasta: ná mealladh éinne thu: ná buaileadh neach an bob ort. Óinseach, bean gan pósadh .i. b'fhearr dhi pósadh, bheadh a fear nó a clann (b'fhéidir) aice i ndeireadh a saoghail mar chaomhnadh. Ní bhfaghair buntáiste chómh bog san ar dhaoinibh, cuimhnigh gur cailleadh na hóinseacha is go rugadh na hamadáin .i. go bhfuil an saoghal dulta i nglioca. Níl aon lá ná go ndéineann sé óinseach dá mhnaoi, gheibheann sé airgead ar aon leath-scéal uaithi: meallann sé í lé bréagaireacht. Me im óinsigh gan clúdach ná fagháil air don leitir seo: teanntuighthe. Chun óinsighe do dhéanamh díom atáir ag glaodhach orm óm ghnóth, an eadh?: chun mo mheallta: bob do bhualadh orm. Nách me im óinseach ges gach éinne: gach éinne ag breith buntáiste orm: me ar a dtoil féin aca.

óinseamhail: *a.* ar nós na hóinsighe, ait, baoth, mí-ghlic. Bean óinseamhail gur fearr léi an lá do chaitheamh ag cómhchainnt 'ná fanacht i bhfeighil a gnótha: gan chiall. Cainnt óinseamhail seadh dhuit a thuigsint go mbeadh gach nidh ar do thoil féin agat: ait: mí-ghlic: leanbaidhe. Beirt bhan óinseamhla a chaitheas furmhór an lae ghá ngiobadh is ghá bpriocadh féin os chómhair an scáthán in ionad críche do chur ar a gcuid gnótha: ait: díth-céille.

óinseamhlacht: *b.3.* baothacht, mí-ghliocas; amadántaidheacht; aiteacht. Gan oiread is meall ime sa tigh aice lé n-a hóinseamhlacht agus sé cinn de bhuaibh aice: faillighe trí mhí-ghliocas. Óinseamhlacht ort do bheith ag tabhairt leabhar ar iasacht, mar ná fillfear a leath ort: aiteas. A leithéid d'óinseamhlacht imtheacht is do thigh d'fhágaint gan ghlas gan ghéibh: neamh-ghliocas: éigcrinne.

óinsín: *b.4.* bean neamh-chríochnamhail, éigcríonna. A óinsín bhoicht, féach cad tá déanta agat léd chíste!: é go léir dóighte 'e cheal aire. Ní rabhas im óinsín riamh go dtí anois, tá gach aonnidh ag dul im choinnibh ar an uain díreach go n-oirfeadh dom an uile nidh do bheith ar mo thoil agam: breallán.

óir: *c.n.* mar, mar gheall ar, toisc, ó. Ní phósfadh sí in ao'chor mise, óir b'fhearr léi tusa: toisc gur fearr etc. Ní chabharfad leis, óir dá mhéid a dhéanfainn do b'é an buidheachas céadna dhom é: de bhrigh. Óir nách aon mhaith géibheann bainimís iarracht as cheannsacht: de bhrigh, etc. Óir gur tusa a bhí ann ní déarfadh faic: toisc: mar gheall ar, etc. Bhí eagla a gcroidhe aca roimis óir nuair labhair sé d'éistigheadar: mar: de chionn. Áit choiscricthe é sin óir deirtear úrnaighe ann lé cádhas do: de bhrigh go bhfuil sé mar sin deirtear í.

oirbhire: *b.4.* (oiríre, eiríre, an fhuaim) mallacht, eascaine, imdheargadh, milleán, aithis, toibhéim, achmhusán; tarcuisne. Oirbhire Dé ar an té a mhairbh mo mhac: mallacht is fearg Dé go dtuitidh air is go leanadh é. Mo mhallacht agus m'oirbhire ort: impidhim Dia mór na glóire do bhás, do dhíoghbháil, do dhíth go dtárlaidh. Ná tabhair oirbhire ar éinne, is gnáth léi tuiteam: athchuirt Dé chun díthe dhuine. "Oirbhire deireadh na tréimhse", deirtear nuair thuiteann daoine amach lé chéile a bhí an-bháidheamhail seal fada, nó nuair cháineann duine an té a bhíos go maith dho má ránguigheann go dteipeann sé air uair

amháin: cáineadh neamh-thuillte. Fuair sé oirbhire na ndaoine ar iompódh ó n-a chomplacht poilitidheachta: tarcuisne is táir phoiblidhe.

oirbhireach: *a.* mallachtamhail, tarcuisneamhail; imdheargach. 'Sé a gnóth de ló is d'oidhche bheith ag eascainghe ar na cómharsanaibh, is aice atá an teanga oirbhireach: tugtha do mhallachtughadh. Is oirbhireach an béal atá air, d'iarraidh aithise do thabhairt d'éinne go labhrann air: scannalach: droch-aigeanta: do leathadh scéalta mío-thaithneamhacha: masluightheacha. Tugann sé an teanga dhom go hoirbhireach nuair bhíonn olc air chugham i dtaobh faic: go hachmhusánach: masluightheach: imdheargach. Sé an duine sochma, neamh-oirbhireach é ina bhéal is ina bhrághaid: gan aon tarcuisne d'éinne. Cuireadh leitir oirbhireach chuige i dtaobh a mhná d'iarraidh achrainn do tharrac eatartha: masluightheach.

oirbhireacht: *b.3.* mallachtughadh, imdheargadh, achmhusánaidheacht, masluightheacht. A saoghal lé hoirbhireacht a cómharsan: ag guidhe an uile ruda níosa mheasa 'ná a chéile anuas ortha. Dá bhfeabhas obair do dhéinim ní bhfaghaim ach oirbhireacht toisc ná bíonn sí níos fearr: imdheargadh, masla is milleán.

oireachtas: *f.1.* dáil, cómhdháil; cómhdháil bhliadhantamhail Chonnradh na Gaedhilge; cóimh-reachtas Dála is Seanaide Éireann; imtheachta. Beidh oireachtas againn air, bailighimís tímcheall air: seódh is greann. Aonach is oireachtas air is é ag déanamh chleas dóibh: bailiughadh mór ina thímcheall is iad ghá n-aoibhneas féin ó thalamh. Cad é an t-oireachtas atá ar siubhal annso?: cad atá ag an mbailiughadh daoine seo: ar siubhal, dhá chur trí chéile etc. Beireadh mar bhreith is mar oireachtas air: an t-airgead in aghaidh na sluide do dhíol ar an dtaobh istigh de mhí: mar chúiteamh poiblidhe. Fág mo radharc, a dhuine mhalluighthe, is ná bíodh oireachtas ges na daoinibh: cruinniughadh grinn is magaidh. Nuair is mó do bheifeá ar mhaithe leis seadh thiocfadh aonach is oireachtas air: d'éireochadh sé chun stráin agus feirge. Níl aon oireachtas eile againn na hoidhcheannta fada so ach cártaidhe: aon rud go meilfimís an aimsir leis.

oiread: *b. n-dh.* toirt, méid, suim, taidhbhse, seal, scar, tamall. Fear ná beadh oiread mo dhuirn ann b'fheárr é 'ná thu: duine dearóil. (An) oiread san (ag tómhas blúire big de bharr méire leis an órdóig) ní bhfuaireas lé n-itheadh: faic in ao'chor. Gabhair thobac air, tabhair oiread an cháine (cháithne) féin chun an bhlasa do bhaint as a bhéal: blúirín bídeach. An oiread chéadna a bhí ag an mbeirt againn, fiche púnt an duine againn: an tsuim chéadna. Ní haon chomórtas do súd thu, tá do thrí oiread ann: toisc: méid. Shiubhlóchainn a dhá oiread ins na brógaibh seo: a dhá fhaid. Cad imthigh ort? níor fhan do leath-oiread ann: chuadhais chun deiridh, i luime is i seirgeacht. Cuireadh éadach ó bhonn bathas air go n-oiread na mbróg: fiú amháin na bróga. Tá a dhá oiread ar phlúr agus bhíodh roimis an gcogadh: a dhá luach. Thabharfá oiread ar an áit dá thagairt duit go bhfuil an baile seo chómh saor daor lé haon cheann aca: an tsuim chéadna airgid. Dá mbeadh a dhá oiread eile ionat ní gheobhfá orm-sa: do dhá thoirt i dteannta an méid atá ionat. "Cad é an saghas oibre atá agat?" – "an oiread san as an oiread san": díolaidheacht dréir an méid a dhéinim. Bheadh sé cosamhail dá mbeadh an oiread eile ann: cuibheasach toirteamhail dá mbeadh sé chómh mór airís. Dá mbeadh oiread meisnigh bídh agat agus tá aige déarfá ná beadh aon cheal sláinte ort: an méid céadna fonn ithte. Bhuaileas an

oiread agus bhí im ghéagaibh: lé neart uile mo ghéag. “Cad é an oiread atá ann?” – “oiread tairbh mar sin”: méid, toirt. T’oiread féin d’fhear: mar thu ar gach slighe. Oiread agus d’íosfadh seisear de bhiadh do fuaireas uatha gan aon áidhbhéis: an méid sin. Ní raghadh (an) oiread díot (uait) gan bheith ag méaráil leis is é do lat: ní leigfeadh an eadráin duit gan teangmháil leis. Tháinig an galar so atá ar siubhal air, ní raghadh oiread tharais (uaidh): ní éalóchadh sé uaidh ach teacht air ar nós gach iomaird eile. Ní fheaca é ach oiread agus chonnaicís-se a bhí dathad míle ó bhaile: níos mó ’ná chonnaicís. Ní chuirfead-sa méar air ach oiread le héinne eile: níos mó ’ná éinne eile. Níor thaidhbhsigh oiread an frighe dhom ann mar bhí sé faid na feidhle uaim: toirt an ruda is lugha. Ní thabharfainn an oiread san mar shásamh do go labharfainn leis: a luighead sásaimh. Oiread lé fear níor mhór duit do dhéanamh chun aon mheasa do bheith ort: cion fir d’obair. An oiread caithte leis is ná bainfir as choidhche: suim áirighthe airgid. Tarbh (ainmhidhe farraige, etc.) go raibh oiread aon tsóirt ann: a bhí chómh mór le haon rud a chonnaicís riamh. Bheadh oiread na gile sa bhullán san dá bhfaghadh sé cothughadh ceart: dob áidhbhéil an toirt a bheadh ann. An oiread chéadna atá ag fanacht ann: níl aon fhás ag dul air. (An) tor díreach aige ort agus tá ag madra ar (a) athair: aon rian in ao’chor. Cad n-a thaobh an oiread deabhaidh: an méid sin. “Agus d’fhilleadar na huiscidhe agus d’fholcadar na carbaid agus an marcshluagh agus sluagh Pharó uile a tháinig san bhfarraige ina ndiaidh níor fágadh oiread agus éinneach díobh”: duine amháin. Imthigh agus beir chugham an teachtaireacht, dhéanfainn-se oiread duit: rud chómh tábhachtach, chómh duaibhseamhail leis. Cad é an oiread den gclár so atá uait?: toirt nó faid. Ní fheicim an oiread de le déidheannaighe agus chidhinn bliadhanta eile: chómh mion, minic. Um an dtaca in ar bhuail sé umam ní raibh an ré an oiread san fé in ao’chor: ró-fhada ceileabhartha. “An oiread san ime leis an oiread san arán”, ars an buachaill aimsire: é tómhaiste go caol chuige. Ná bíodh aon scannradh ort, ní bhainfidh sé an oiread san díot: ní ghoirteóchaidh sé ró-mhór thu. Ghaibh sé (an) oiread san tríom gur ghoileas: do ghoill chómh mór san orm. Thugadh sé an oiread san farainn i gcómhnaidhe: áirighthe aimsire.

oireamh: *f.* (*-mhan*) céachdóir, treabhthaidhe, treabhdóir. Ní hoireamh go caolfhód: ag gearradh an chaolfhóid seadh bhíos an tástáil cheart ar fhear an chéachda. “Gort na n-oireamhan” i nDún Chaoin.

oireamhaint: *b.3.* do bheith cuibhe, córach, connláisteach, caothamhail, sásamhach, cóimhréidhteach; fearas, réidhteach, cóimhréir, teacht lé chéile, órd, eagar, gléas, feistidhe, córacha. B’éigean dóibh scaramhaint lé chéile, ní rabhadar ag oireamhaint dá chéile in ao’chor: ag réidhteach: níor bh’ionann meón, slighte, mianach etc. dóibh. Caithfear an glas san do bhaint den ndoras, níl sé ag oireamhaint in ao’chor do: ní dheineann sé an gnóth atá dhe, rud éigin bun os cionn. Dá bhfaghadh san an oireamhaint cheart ní bhrisfeadh sé: cóir, aire. Tabhair oireamhaint cheart do san anois agus déanfaidh sé saoghal duine thu: cúramach, aire, aicillidheacht. An hata atá ort níl sé ag oireamhaint in ao’chor dod chulaith i ndath: ní thagaid lé chéile go taithneamhach don súil. Dá mbeadh biadh ag oireamhaint dom is me a íosfadh go tapaidh: ag tástáil: gan ocras orm. Is maith an oireamhaint ina bhfuil an clog san fós, dá mhéid na bliadhanta atá aige: órdughadh: gléas. Nílir ag oireamhaint sa chuideachtain seo in ao’chor, b’fhearr linn tú dár bhfágaint: ní réidhteóchadh do chuideachta linne in ao’chor. “Bíonn oireamhaint ar

gach aonnidh dá mb'í an tsrathaireacht í": teacht lé chéile. Níl sé ag oireamhaint do in ao'chor aonnidh guirt d'itheadh, mar ná fuil goile láidir aige: ní réidhtigheann sé leis. Cuir tú féin in oireamhaint anois chun stiúrtha: in órdughadh. Dá mbeadh aon oireamhaint agam-sa ar theacht chughat is fada gur ghábhadh dhuit bheith ag feitheamh: caothamhlacht. Dá mbeadh na hoireamhaintidhe cearta aige is maith an sás búird do dhéanamh é de thuata mar é: na húirlisidhe. Chaith sí amach an méid nár bhris sí d'oireamhaintidhibh na cisteanach: na hárúistidhe i gcóir beirbhthe etc. Budh mhór an neamh-choinne dhom gan me do leigeant chun bealaigh is gach aon rud in oireamhaint agam: ullamh, réidh, socair. Ní maith ná ní cóir an oireamhaint chosanta atá agam an sean-ghuna so: cóir chosanta. Fuairtheas sraice leis an bhfarraige go raibh oireamhaintidhe uirthi ná féadfadh éinne do dhéanamh amach cad é an gnóth a bhí dhíobh: máillidhe. Ní chuirfeá an gluaisteán ar siubhal tá sé as oireamhaint: as órdughadh: ar mí-ghléas: as eagar. Oireamhaintidhe cogaidh: na gléiseanna a bhíos ag teastáil chun a churtha: lón.

oireamhnach: *a.* cuibhe, caothamhail, fóghantach; i gcrot, i ndéanamh, i méid etc., do gheóbhadh lé rud; freagarthach; fiúghantach; dóthanach, cumasach, cuibheamhail; ullamh, réidh i gcóir ruda. Rud ar an dtalamh naomhtha so níl oireamhnach do ach an chroch: is í atá tuillte aige. Caith dhíot na bróga san, nílid oireamhnach in ao'chor duit, táir dhá dtarrach id dhiaidh: cuibheamhail: i ndéanamh ní réidhtighid léd chosaibh. Dá mbeinn oireamhnach ar dhul ann, ach nílim, mar ná fuil an choisidheacht agam, is me a raghadh go mear: ar mo chumas. Taithnigheann an áit liom ach ná fuil sé oireamhnach dom shláinte: ní ghaibheann léi: olc di. Oireamhnach don rud atáim anois: ar árd-aiste: níl aon rud ná go dtabharfainn iarracht fé. Muc oireamhnach don sciain aon lá: ullamh (cothuighthe a dóthain) lé marbhadh. Má thugann tú cainnt oireamhnach do gheóbhair an rud atá uait, ach má bhír brostuightheach ná bagarthach ní bhfaghair ach neódar: cuibhe: séimh. Fé mar déarfá, bíodh sé mar sin, tá an hata oireamhnach glan do: tagann sé dho i méid, etc. go maith. Na barraidhe oireamhnach le baint anois dá mbeadh an aimsir chuige: aibidh. Bead oireamhnach chun imtheachta anois nuair bheidh mo bhróga gléasta agam. Buachaill seadh é atá oireamhnach dos gach éinne .i. a réidhteóchadh lé pé saghas duine a bhuailfeadh uime ar an meón atá aige. Ó chonnaic Dia oireamhnach é budh bhreágh an lá dho bailiughadh leis: ó bhí síothcháin Dé déanta aige budh mhaith dho bás d'fhagháil. Oireamhnach glan d'éinne a thiocfadh treasna air: ullamh chun dul ina threis. An eochair oireamhnach: glan don nglas: freagartha ar gach slighe do theastuigheann sí. Leath-scéal Shasana ná fuil sí ag buadhachtaint ná raibh sí trian oireamhnach chun cogaidh nuair buaileadh é. An méid atá uait, tá sé agam go hoireamhnach annso: caothamhail, iomlán, réidh, mar déarfá "bíodh sé mar sin". Cuir do chuid go hoireamhnach agus ná leig do leaghadh soir siar: i slighe nó i dtreó cheart. Nílim oireamhnach in ao'chor labhairt lé duine chómh heolgaiseach leis: maith mo dhóthain. Níor tugadh cur (adhlacadh) oireamhnach ar mhórán dár marbhuigheadh sa chath, iad do chaitheamh síos i gcréachtaibh i ngabhal a chéile: mar budh chuibhe do mharbhán. Nuair chidhtear daoine i gcuideachtain gurb é an meón nó an mianach céadna a bhíos ionta déarfí "is maith oireamhnach dá chéile atáid": is maith mar thárladar. Níl an aimsir sceamhach so oireamhnach d'aonnidh ach do chodladh: chun codlata is fearr í. Bí oireamhnach: lághach, séimh, síbhialta. B'oireamhnaighe dómh-sa dul ann 'ná duit-se mar ná beidh aon chúram eile orm: dob fhusa: budh chaothamhla nó budh lugha duadh.

Dar leis gach éinne gurbh é an múinteóir b'oireamhnaighe é, mar is aige is aoirde do bhí céim: dob oilte is budh chuibhe chuige ar gach slighe. Buille an-oireamhnach a fuair sé: go cruinn, éifeachtamhail. Láthair oireamhnach chun tighe do thógaint air: áit a thiocfadh go saoráideach, connláisteach, sásamhach do dhuine. Táid chómh hoireamhnach dhá chéile lé dhá bheidhleadóir: freagraid a chéile gan tuiseal.

oireamhnacht: (**oireamhnaidheacht**) *b.3.* cuibheas, caothamhlacht, freagarthacht. B'fholláin duit a oireamhnacht a ránguigheas ann chun dul ar t'fhóirithint, báidhte do bheifeá: caothamhlacht: tráthamhlacht. Dá mbeifeá ag lorg céad rud chuirfeadh sé iongtas ort a oireamhnacht a bheadh sé aige dhuit: caothamhlacht: so-láimheacht: athchomaireacht: "gan aonnidh ach é do shíneadh uaidh". Lé hoireamhnacht an fhir budh bhreágh leat do bheith in aon bhóthar leis: an tslighe shásamhach a gheóbhfá ar gach cuma é. A oireamhnacht a bhís rómham, chun cabhartha liom: an-chaothamhail mar theastuigh uaim. A neamh-oireamhnacht a chuir as an mbeart é: gan é do bheith feidhmeamhail ar a ghnóth do dhéanamh. Oireamhnacht a chuaidh mo lámh isteach 'on pholl: a chaothamhlacht: gan aon duadh.

oireamhnuighim: *b.a.* bím nó deinim oireamhnach, socruighim, ceartuighim. Ní oireamhnófá dhom bheith im theannta: ní thairbheófá dhom: dá chionn ní réidhteófá liom: bheadh rud éigin bun os cionn ná raghadh chun mo bhaile. Ní oireamhnuigheann an eochair an glas, an t-éadach thu, etc.: nílid mar budh cheart don ngnóth atá dhíobh. Is maith a oireamhnóchadh ullamhughadh maith an buachaill sin chun smachta do chur air: do raghadh sé go maith dho. Oireamhnuigheann sé féin 'sa bhean go maith a (dá) chéile ní bhíonn focal goirgeach eatartha: réidhtighid go maith. D'oireamhnóchadh beagán airgid go maith dho, tá easbhaidh an bhídh féin air: budh mhór an bhail air é: thairbheóchadh sé dho. Ní oireamhnuigheann obair duine leisceamhail in ao'chor: ní oireann. Oireamhnuightear na dolaidhe go raghadh gach ceann isteach i bpoll ádhbhair: socruightear iad. Níl aon taithighe agam, agus ní raibh riamh, ar a leithéid d'áit, ach oireamhnóchad me féin ina chóir: ceartóchad: socróchad. Ní oireamhnóchadh sé choidhche síos an mhála bheag san, tá sé ró-mhór: ní gheóbhadh slighe ann. An oireamhnófá an clúdach ar an leabhar san dom?: an socrófá é i slighe go mbeadh sé ceart air.

oirear: *f.1.* ciumhais, bruach, taobh, cósta. Talamh salach, fochaiseach seadh é feadh an oirir ar fad, conntabharthach do luingeas: cósta. Shíneas siar ar oirear an locha is thuit mo shuan orm agus na mion-thonna ag glórghail im chluais. Cuireadh an t-oirear a bhí bán leis na ciantaibh fé bharraidhibh: an ceanntar: an dúthaigh.

oirim: *b.a. ₇ n-a.* socruighim, ceartuighim, deisighim, cóirighim, bím caothamhail do. "Ní hé an té is giorra dhuit ach an té a oirfeadh duit": ní hé an té go mbeadh gaol agat leis ach an té a bheadh i slighe maitheasa nó baile do dhéanamh duit dob fhearr dho dhuine. "Ní dhéanfainn in ao'chor duit é" – "mar oireann duit": sásaimh tú féin. "Má oireann an caipín duit, caith é": má is dóigh leat go n-oireann an chainnt duit, go dtagróchadh sí dhuit chómh maith is thagróchadh d'éinne eile. Is é a oirfeadh dos na daoinibh rudaidhe do shaoirsiughadh: do b'é a mbail é: is é do raghadh chun a maitheasa. Oireann deoch dom: teastuigheann sí uaim. D'oirfeadh dom labhairt leat: theastóchadh uaim óir tá rud

éigin agam lé rádh leat nár mhór dom. D'oirfeadh breis bídh ar an mbórd thall níl leath a dhóthana air: b'fhearrde é: níl go leór ann, is níor mhór do a thuilleadh. Mara n-oireann duit ná bac thart é: muna chun do bhaile é, etc. Sin bróga ná hoireann ort in ao'chor: ná tagann duit: go bhfuil rud éigin bun os cionn leó. Dá n-oireadh an leasughadh áirighthe sin don dtalamh budh mhaith: dá dtéigheadh sé chun a mhaitheasa. Chidhim ná hoirim sa chuideachtain seo: nách duine me a luighfeadh lé n-a meón ná a n-imtheachta. Ní oirim don gcuideachtain (an chuideachta): ní theastuighim uatha. Brostuigh! oireann tú gan mhoill: táir ag teastáil. A dhailtín, is mór mar oireann toitínidhe uait: tá a gceal go cruaidh ort (searbhas). Oireann a chuid féin ós gach éinne: bíonn ag teastáil uaidh .i. ní lé tabhairt uaidh a bhíonn sé aige. Is é is mó d'oirfeadh anois: a dhéanfadh maitheas. Ní oirimíd dá chéile: ní réidhtighimíd. Caith do chuid airgid mar oireann duit: mar theastuigheann uait agus théigheann chun do mhaitheasa. Oireann an chloch san sa bhfalla go maith: deineann an bheart go maith ann nó tá ag teastáil ann. Is iomdha rud d'oirfeadh do dhuine ná bíonn ar a chumas: a theastuigheas uaidh agus a dhéanfadh gar do. Biadh ná hoireann do cad fáth go gcaitheann é: ná réidhtigheann leis: ná téigheann (síos leis) go maith dho. Ní fearr a oirfeadh biadh don leanbh mí-riaghalta san 'ná búrdáil: tá sí ag teastáil go cruaidh uaidh.

oiriseamh: *f.1.* sos, fanacht, feitheamh, moill. Ná déin faillighe ná oiriseamh sa bhaile mhór: ná dein sos ach mar oirfidh duit. Cad atá ag cur oirisimh anois ort, ná brostófá?: ag cur moille. Do dhein an t-arm oiriseamh seachtmhaine os chómhair an bhaile mhóir ag tiargabháil chun a ionsaidhthe: moill: sos: stad. Dheineas oiriseamh oidhche ann mar bhíos traochta, tnáidhte: sos thar oidhche.

óirnéalta: *a. n-dh.* órnáideach, snasta, maiseach, maisighthe, niamhrach. Cloidheamh óirnéalta ar a shliasta: ór, airgead, nó a leithéid eile leachta ar chuid de chun deallraimh do thabhairt air. Scian go raibh cos óirnéalta innte: niamhrach, snasta: suaitheantas éigin uirthe. Gluaisteán óirnéalta gurbh aoibhinn leat dearcadh air: slachtmhar: maisighthe go taithneamhach. Gléas is slacht ar gach árus ina cistin, an chuma óirnéalta a bhí ar gach nidh aice: gléasmhar, snoighte, slachtmhar, gan teimheal, gan salachar. Taidhbhsigheann do chír (chíor) fhiacal go hóirnéalta ó chuiris na rudaidhe óir isteach: maiseamhail, snasta. Bronnadh altóir óirnéalta ar an sáipéal: a bhí déanta go slachtmhar d'adhbhar suaithinseach is é críochnuighthe go ceárdamhail, ealadhanta.

óirnéis: (**áirnéis**) *b.2.* éadáil, stoc, maoin, sealbhamhanta; maoin, gustal, troscán, rothaidhe; oireamhaintidhe; áirneach; gléas. Gach gort dá fheirm fé óirnéis ag inbhear air: stoc, éadáil: ainmhidhthe. Ag ceannach óirnéis tighe níor mhór duit pócaidhe airgid ar a dhaoire atá nidhthe: earraidhe. B'ait leis na hóirnéisidhe ceóil go léir, duine ná feacaidh riamh thar bheidhlín is feadóg: gléiseanna. In ainm Dé tóg na hóirnéisidhe sin as mo shlighe, táid ag teacht treasna orm: rudaidhe mar áruistidhe cisteanach, cathaoracha, etc. etc. Connus chuirfir chun a dhéanta gan óirnéis?: oireamhaintidhe: úirlisidhe. Nuair tháinig an cruadhtan 'san t-amhgar ar an ndúthaigh bhí ortha scaramhaint lé cuid dá n-óirnéis chun maireachtana: dá maoin. Óirnéis na haltóra: na rudaidhe a théigheas leis.

oirthear: *f.1.* an Domhan Thoir; an dúthaigh nó na dúthaighe a luigheas soir uainn; an ceanntar nó a dhuine san treó san. In oirthear na hÉireann seadh luigheann B'l'Áth

Cliath: san treó san go n-éirigheann an ghrian. Chúig uaire do loisceadh is dóghadh Corca Dhuibhne ó oirthear go hiarthar dréir an tseanchais: gach órdlach di. I moch na maidne indiu bhí an t-oirthear croidhearg dearg ón ngréin: an chuid thoir den spéir. Gach aon chomhartha go mbeidh cogadh san oirthear ar an gcóiriughadh atá ges na cómhachtaibh dhá dhéanamh ann: san domhan toir – an Áisia etc. Beidh an t-oirthear go léir san tsochraid sin indiu: na daoine a chómhnuigheas soir uainn. Chuaidh amhailt ainmhidhe sa líon is d'árduigh leis an t-oirthear, earball an lín: a dheireadh thiar. An t-oirthear do bhualadh ar an iarthar do, ní bheadh sé sásta: gach nidh do dhéanamh do chun é do shásamh. Níl oirthear ná iarthar ar an rud so: níl tóin ná ceann air: gan chuma gan dealbh.

oirthearach: *a.* ag baint leis an oirthear; san oirthear, duine as an oirthear. Ar an míofháilte a bhí rómham budh dhóigh leat gur oirthearach me: duine ón ndomhan toir. Contaethe oirthearach na hÉireann: iad san a luigheas san áird thoir di. Na tíortha oirthearach: an tSín is an tSeapáin. Ní hionann an tíorachas oirthearach is ár dtíorachas-ne: béascnadh; stáid eascair béas, nós inntleachta etc. "An Luimnigheach thu?" - "oirthearach me": ón dtaobh thoir dom.

oisín: *f.1.* laogh an róin, an fhiaidh; fear den bhféinn. Thuas i mbun uamha faille do bhíonn an t-oisín ag an rón: a shaoghaluightear é. Oisín uasal, mac an righe. Táim im oisín i ndiaidh na féinne annso gan gaol, caraid ná aitheantas agam ann: chómh huaigneach, neamh-aitheantamhail is bhí. Oisín tar éis fillte ó Thír na n-Óg do. Chómh scólta, seang le hoisín: éadtrom, éascaidh, deaghchúmtha. Súile an oisín aice: mall-rosca tuathmhara.

oisreagán: *f.1.* iasc sliogánach in-ithte. Faill oisreagáin.

oitir: *b.5.* ceap, bannc, talamh tanaidhe gainimhe. D'fhág an taoide ar thrághadh dhi mórán oitreacha: dromanna nó iomairidhe is logacha sáile eatartha. Oitreacha beaga móna atá sa tsliabh anois, tá sé caithte amach: ceapanna (bainnc bheaga). Talamh íseal cois farraige go bhfuil mórán oitreach gainimhe ag rith amach ann: scrogaill chaola.

ól: *f.1.* aon tsaghas leanna i gcóir a chaithte; an méid leanna a caithtear nó a híbhtear; deoch. "A dhuine, bí ciúin go fóill/ is éist lé glór an tseanchais/ seachain na mná san t-ól/ bíodh deireadh go deo 'gat leis na beartaibh seo": do bheith ag caitheamh deocha meisceamhla. Thuit ól air: d'íbh sé an iomad dighe mearbhaille go raibh ar meisce. Tart deireadh an óil, brón deireadh an ghrádha: tar éis a n-íbheann duine de lionn mheisceamhail leanann an tart é: bíonn an áit istigh ag éigheamh ar a thuilleadh. Is fearr mac lé himirt 'ná mac lé hól: dá oilceas do dhuine bheith ina chearrbhach budh mheasa dho bheith ina phóitire. Budh mhór an truagh choidhche é do bheith tugtha don ól: dúil do bheith aige i ndeochaibh mearbhaill. Gan lé n-itheadh ná lé n-ól agam i rith an lae fada samhraidh: gan biadh gan deoch. "An té ná hólann ach uisce ní bhíonn sé ar meisce". Is gnáthach gur lucht mór óil iascairidhe is máirnéalaigh: go gcaithid mórán dighe mearbhaill. Lé dúil ann bheadh sé ag ól go ngeóbhadh sé amach trí n-a shróin!: níl teora leis an méid dighe a íbhfeadh sé. Ní raibh aon fhear óil annso ach é: d'óladh mórchuid. "Guidhim thu tabhair dom beagán uisce as do shoitheach le n-ól": do chur im bhéal agus do shlogadh. "Chuadar ag ól", tar éis amhráin i gcuideachtain deirtear so .i. chaitheadar

deoch as an méid sin. Dhearbhuigheas ná raibh aon rian óil air nuair do chonnac é: aon chómhartha a theasbáinfeadh go raibh deoch mhearbhaill caithte aige. Lá le hól is lá lé tart: go leór dighe seal, seal eile gan an deoch inmhianta lé fagháil. Leig den ól má thógair mo chómhairle: seachain deocha meisceamhla. Toigh do chuideachta sara dtéighir ag ól: bí deimhnightheach nách cuideachta bhruigheantach í ná cuideachta a bhéas ag tnúth lé digh uait. Dá mhéid é an t-ól seadh is mó é an tart: leanann an tart an diúgadh dréir mar déintear é. Teighimís i ndáil óil: fé n-a dhéin agus i gcuideachtain a chaithfidh a mbraon. An t-ól budh bhun lé n-a bhriseadh: bheith i gcómhnaidhe (é mar bhéas) ag caitheamh dighe mhearbhaill. Bhí an t-ól déanta aige: cuid mhór de caithte siar aige. Bíodh braon lé n-ól againn: caithimís deoch mhearbhaill i bhfochair a chéile. Chuadar ar ól lé chéile: i gcomórtas céaca is mó a fhéadfadh a iomchar do dhigh. Níl aon iomchar ar an ól anois aige, tá sé dóighte laistigh uaidh: caitheamh deoch mheisceamhla. Fear ólta beathuisce ní leanna duibh é: beathuisce a ghreaindí. Lá ar meisce is lá ag ól uisce: nuair bhíonn deireadh caithte leis caithtear triall do bheith ar an ndigh a gheibhtear in aisce. Sin é an t-ól macánta do dhéineann sé sin: ólachán gan gleódh gan achrann. Na tighthe óil is mó thaithigheann sí: tábhairnidhe. Nár bhreágh an rud san ól ach sucaidhe do dhéanamh de féin leis: dhá shlogadh ar nós an ghamhna. Argóintidhe óil í sin dearmhadfaid a n-achrann: as ól a tháinig an tubaist: de dheascaibh dighe mearbhaill. Ní le n-ól an t-uisce sin ach chun nigheacháin: lé cur i mbolg duine nó ainmhidhe. Buidéal beathuisce ar a luighead sa ló, ní hól go dtí é: ól trom. Idir ól is céill d'oibrigheann se: péaca ag gabháil den ndigh mearbhaill é nó gan. Daoine mór-chroidheacha, bheidís ag cur óil ó shoin orm: ag tabhairt dighe dhom is dhá tafant ortha. "Ná bí cainnteach i dtigh an óil": is gnáthach gur buadhairt do thagann aiste. "Is é leigheas na póite ól airís": ruibe de chlúmh na con céadna.

ola: *b.4.* íle nádúrtha, gus bealaidh nó úscach; ungadh. An ola dhéidheannach: an tsacraimint a tugtar lé linn bháis ina gcuirtear an ola bheannuighthe ar an gceann is an ucht, ar na lámhaibh is na cosaibh. "Mise a chuirfidh an ola dhéidheannach ort-sa!" deir duine go bagarthach: "mise an sagart udhachta bheidh ort". B'éigean don sagart éirghe siar san oidhche ar ghlaodhach ola. Fuair sé bás gan ola gan aithrighe: gan an tsácraimint ná aon ullamhughadh i gcóir na síorraidheachta. An té go mbíonn cuid mhór dá shaoghal tagtha agus ola is aithrighe fachta aige, is breágh an lá dho bás d'fhagháil: é bheith cóirighthe ag an eaglais. Ola an chroidhe an t-ím: bealadh don gcroidhe é. Dá n-ólfá é sin ní bhéarfadh an ola ort, tá nimh ann: gheóbhfa bás sara mbeadh an sagart tagtha ar an láthair chun na sácraiminte do thabhairt duit. An ola chosiricthe: an ola a cuimiltear ar dhuine nuair bítear dhá ullamhughadh chun báis. Tá sí olc a dóthain chun na hola do chur uirthi: í d'ungadh. Go gcuirtear an ola orm más me a dhein é: go rabhad chómh dona san is gur gábhadh me d'ungadh.

ólach: *a.* tugtha don ól; ar meisce. Ólach, imearthach, bruigheantach, mar chaitheadar a saoghal riamh: ag dul dian ar an ndigh. Ceann an-thinn ar dhuine éigin indiu a bhí an-ólach airéir: cuid mhór dighe caithte aige. Níos ólaighe 'ná riamh: níos tugtha dho.

ólachán: *f.1.* an méid a hóltar, síor-ól, póit; deocha lé n-ól. Níl aon cheal ólacháin ar an dtigh seo má dhéineann buidéil is soithighe lána: leór leor lé diúgadh. Is gránda an rud an t-ólachán, níl neach a bhíonn tugtha dho ach duine a bhíos thíos leis: béas do dhéanamh

de. “Dreatháir don leadránacht an t-ólachán” an té a luigheas leis bíonn siléig agus faillighe air féin agus ar a ghnóth. Dhéin sí oidhche ólacháin aca: do luigheadar go trom lé digh mhearbhaill. Deintear ólachán trom ar an mbaile beag san: cuid mhór dighe do dhiúgadh.

olagón: *intriath.* fairír! liach bhrónach; lógóireacht ós árd. Olagón ó! cad tá ar mo leainbhín go bhfuil sé ag gol?: fairír! Olagón ó! agus is beag é m’eagla roimis: bí lán-deimhnightheach de. I bhfad tar éis a fir do bháthadh chaitheadh sí an lá ag olagón: ag gol is ag liughadh, ag caoineadh. Olagón ó! agus is annsúd atá an neart: bí cinnte dhe. Nuair leigeann duine osna deir sé “olagón ó”, nó “olagón dubh ó”. Budh bhreágh an scol olagóin a bhí air: caoineadh go ceanamhail é. Olagón mo dheacair! is is iomdha rud ag déanamh mo mhearbhaill: fairír géar. Níl aon chúis olagóin gem pheata beag: gol is lógóireacht. “Chas sí a holagón air go fada, bog, binn”: ghoil sí agus chaoin sí é i mbriathraibh filidheachta.

ólaidhe: *b.4.* uain árd gan briseadh. Bád maith seadh í, éirigheann sí i ngach ólaidhe: tonn árd. Tá ólaidhthe indiu ann: tá an fharraige árd, suaidhte gan bheith briste. Ag tóch gach ólaidhe: ag sáthadh fútha amach. Budh iomdha ólaidhe do chuir sé dhe: thug sé seal maith dá shaoghal ar an bhfarraige.

ólaim: *b.a.* sloigim, diúgaim deoch. D’ólfadh sé an Mháig iongtach, Loch Éirne, an tSionainn: cuid mhór. D’ólfadh sé an sop as an srathair, an léine dá dhrom, an chros den asal: chaithfeadh sé a mbeadh aige ar ólachán. D’ólfadh braon is d’íocfadh as .i. ní bheadh sé ag tnúth lé héinne. “Ól an deoch is is beag an díth dhuit é/ is gur chuir an deoch so tart ar dhaoine airéir”: íbh í chun do leighiste. “Is é an té is mó a ólann is mó dúil ann”: a íbheas. D’ólfadh sé an bhólacht is an capaillín glas: dhíolfadh sé a mbeadh aige chun ólacháin. D’ólfainn an abha ar an nóimint dá mbeadh ceann caol uirthi tá an oiread san tarta orm. D’ólfadh sé a bhraon chómh maith lé fear: mar a mbeadh an t-ólachán ar siubhal ní bheadh sé chun deiridh leis. Mara n-ólfaidh an leanbh é ólfaidh an bhanaltra é: is minic a thuiteann cuid de chuid an leinbh leis an mbanaltra. Ní ólann na mná ach imthigheann an deoch mar a mbíonn siad: níl teist na dighe ortha ach, etc. An oiread san dúlach aige ann go n-ólfadh sé an braon anuas: aon tsaghas dighe. Abair “ólfad” nó “ní ólfad”: nuair bhíonn duine gurb áil leis é is nách áil leis é. Éinne amháin a iarrann is dháréag a ólann: d’ólfadh a dhá oiread déag leis an t-aon duine a ghlaodhfadh. Pé duine a ólfaidh is é Dómhnall a dhíolfaidh: éinne amháin freagarthach i gcaitheamh dhaoine eile. “An ólfá deoch?” – “d’ólfainn bolgam”: scaoilfinn siar braoinín maith go leór. Níor ólas deóir lém chuimhne: braon dighe mearbhaill ní dheaghaidh im bholg. D’ólfadh sé adharc bhulláin de thobac: chaithfeadh sé mórán Éireann tobac. D’ólas is cheólas is chailleas mo náire, sin mar chaitheas-sa mo shaoghal: do bhinn ar meisce is im ghliog. Ólann furmhór an aosa óig toitínidhe: caithid iad: gal tobac do shúghrac as thoitín (as phíp, thúdan) is do scaoileadh amach as beal airís. D’ólfá a ndéanfá: chaithfeá ar dhigh do thuarastal uile. Má ólaim is orm féin é: is mé féin a dhíolas as. D’ólfadh sé go headarshuth bó: an oidhche ar fad.

olann: *b.3.* (*olna*) lomra nó fionnadh na caorach. Nár bheiridh do chuid olna ar an luach maran ort atá an deabhadh: go rabhair déidheannach don mhargadh. Aithnigheann fear na

holna do dhíol fear na holna do cheannach: an té go mbíonn rud aige lé n-a chúram do chur de gheibheann sé amach an té go dteastuigheann sé uaidh. Is beag lá anois agam lé híoc táim in earball na holna: an aimsir nách mór caithte. "Glór mór ar bheagán olna" mar dubhairt an t-áidhbheirseóir nuair bhí sé ag bearradh na muice: maoidheamh gan toradh. Scaladh mór is beagán olna: an scóladh ó uisce the a gheibheas muc nuair bítear ag baint an chlúimh di is gan aon mhaith ann. Mar a chéile dhuit bheith d'iarraidh olna do bhaint de ghabhar nó bheith ag lorg phlúir sa tsiopa san: fuil do bhaint as thornap: girrfhiadh do chur as an dtor ná beadh sé etc. Cuir olann chadáis leis an gcneadh, coimeádfaidh sí glan í: dlúimh bhog, chlúmhach d'fhionnadh an phlannda cadáis tar éis a ghlanta is an tsíl do bhaint as. Stocaidhe olna, caipín olna, etc. etc.

olc: *a.* urchóideach, droich-bheartach, gan bheith go maith nó ar fóghnamh, malluighthe, feallteamhail, droch-aigeanta, táir, díblidhe. An lá déidheannach olagón ó! beidh orm cúiteamh do thabhairt i ngach nidh olc atá déanta agam im bheatha: urchóideach: díoghbhálach dom chómharsain, tarcuisneach do Dhia. Olc ná maith ní fheaca é: in ao'chor. Ní héisteófí liom olc ná maith, do bhí an oiread san gráine aca orm: ar aon tslighe. Creid me leis ná raibh t'ainm i gceist olc ná maith: níor tairngeadh anuas in ao'chor í. Is olc an teist atá ort in ár measc-ne: tuairisc ná fuil meastamhail. Is olc an díol air aon mhaith do dhéanamh do, mar ní fada chuimhneóchadh sé air: ní fiú faic é. Is olc an cionán an grádh: peata beag a chrádhas an croidhe ag duine go minic. Ní dubhairt "is olc" ná "is maith" leis, chuir sé orm gan aon spochaireacht uaim. Fear olc ar speil, i mbád, ag siubhal, chun ithte etc.: gan puinn maitheasa. B'olc an bhail ort ná raibh in am bheadh do chion agat: budh mhío-ádhmharach duit. Tigh olc chun bídh: gortach: sprionnlaithe: neamh-fhial. Níl sé go holc in ao'chor fé dhéirc: níl sé sprionnlaithe ná coimeádach. Ceannuightheóiridhe olca iad, is beag go mbíonn éileamh aca air agus is lugha 'ná san a ofrálfaidís: gan mhaith. B'olc a bhí an lá libh, seilg bhocht atá agaibh: mío-fhabharach. B'olc an bhean bheo ná cuirfeadh bean mharbh: ná dearmhadadh í bheith tráth ina céile ag a fear. An rud do bhailightear go bocht imthigheann sé go holc: leaghann an rud a cuirtear lé chéile trí sprionnlaitheacht agus scannradh chun an tsaoghail. Táid araon chómh holc lé chéile: is deacair rogha do bhaint asta. "An bhfuil feabhas air?" – "is olc é": fíor-bheagán má tá. "Agus créad is fearann ann ina gcómhnuighid, an maith nó olc é?" (Uimh. XIII. 19): saidhbhir nó daidhbhir. "Is mairg a bhíonn go holc is a bhíonn go bocht ina dhiaidh": a bhíos sprionnlaithe, buntáisteach nó droich-bheartach is gan aon rud dá bharr aige. B'olc an ceann dá mháthair é: níor mhaith an déanamh do thug sé di. Ní leath-olc leis mar taoi dá aindeisighe dhuit: b'fhearr leis tú do bheith i bhfad níos measa. Is amhlaidh mar tá m'aigne leat, dá fheabhas is bheifeá gurbh olc liom é: ní fhéadfá bheith chómh maith is budh mhaith liom. Deir sé gur b'olc leis mar léighim: dréir a bharamhail nílim ar fóghnamh. Dul go holc ortha mar b'iad san an droich-dhream: droich-chrích ortha. Tháinighis go holc as (an gcluiche etc.): bhí rud caillte agat leis: d'fhuilngis ar chuma éigin. Is olc a mheasas go mbeifeá chómh dian orm: is beag do shaoileas é. "Bhriseas a shrón!" – "b'olc do dhéanfá san": níor bhreágh ná níor mhaith é. Tá sé ar an ngeamhar fir is measa annso chun éithigh: is deacair a bhualadh d'fhagháil. B'olc an mhaise dhuit é d'eiteach: ní roghaide thu é: ní cuibhe thu é. Níl sé go holc in ao'chor fén mbiadh: tá sé fial fé. Níl aon rud is measa dhuit 'ná bheith ag codailt amuigh: is dochraidighe. Dá mbeinn aon phioc níos measa ar léigheamh sáidhfí na

gadhair liom: níos dona. Bítear go holc sa bhaile leis: ní bhfaghann sé comhthrom. An madra olc é sin agat? an mbéarfadh sé ort?: malluighthe.

olc: *f.1.* urchóid, rud urchóideach, malluightheacht, dubháilce, mío-ádh, díoghbháil, droch-chroidheacht; meidrisc; donas; fearg, baile, confadh. Más dóigh leat gur olc orm-sa tu bheith ag glamghail lasmuigh den dtigh nár stadaidh ár ndícheall thu: ciapadh nó clipeadh. Mar olc air do labhras chuige, ní lé haon chion air é: crádh. Chuirfeadh adughadh na teine lé droch-adhbhar an t-olc mór ort uaireannta: báine. Bhí an ceann gearrtha dhe nuair fuairtheas é, i bhfad uainn an t-olc: an droich-nídh go bhfanaidh uainn. Seachain thu féin, ní fheadraís cá mbeadh do dhíoghbháil, Dia idir sinn agus an t-olc: ghár gcosaint ar chinneamhaint. Aghaidh an uilc i bhfad uainn, gura fada airís go mbeidh a leithéid seo de dhroich-scéal againn: orainn ná raibh a thriall. "Is mairg a bhíonn i mbothán bocht is mairg a bhíonn gan maith ná olc": is mór an truagh ná bíonn aon tsaghas botháin aige. Fé mar tá an scéal aige ná fuil maith ná olc ann: ní dhéanfadh sé comaoin duit ná ní dhéanfadh sé aon rud as an slighe ort. Is é buaidh an uilc lait an tsár-mhaith. Nuair theipeann feabhas bíonn an lá ag an olcas! Dá ndoirtí bainne nó deoch mhaith mar é, déarfí "olc is aicíd an tighe go n-imthighidh leis". Cuir i ndiaidh na cneádha san ní fios cad thiocfadh aiste, ní lugha frigh na máthair an uilc: an rud is lugha riamh is minic gur thúis dochraide é. "Agus do ghlac aithreachas an Tighearna fán olc a smaoin sé do dhéanamh dá phobal" (Ecs. XXXII. 14): díoghbháil. "Agus adubhairt an Tighearna le Sátan, ar mheas tú mo shearbhfhóntaighe Iób ná fuil aon chosamhail leis ar an dtalamh, duine iomlán díreach, aon ar a bhfuil eagla Dé, agus a sheachnas olc" (Iób I. 8): urchóid: déanamh droich-nidhthe. "Ní dhéineann nidh ar bith lé tarcuisne, ní iarrann sé na nidhthe a bhaineas leis féin, ní so-bhrostuighthe é chun feirge, ní smaoineann sé ar an olc" (1. Cor. XIII. 5): malluightheacht: urchóid. Is fearr olc Sheáin 'ná maith Thaidhg: duine Seán gan urchóid ar bith is gur neamhghnáthach aonnidh do dhéanamh ach an mhaith. Seachain an t-olc is déin an mhaith: seachain rud do dhéanamh as an slighe. Déin maith in aghaidh an uilc: ní cuibhe dho dhuine an cor céadna do thabhairt do dhuine a thugann sé uaidh. Is fusa an t-olc do chosc in am 'ná in antráth: nuair théigheann rud ró-fhada seadh is deacra a smachtughadh. Olc nár éirighidh choidhche dhuit: aon rud a dhéanfadh díoghbháil chuirp nó inntine dhuit, etc. B'fhada an t-olc istigh aige dhom is leig sé amach sa deireadh é: an droch-aigne. As olc do tháinig an bhruighean so: cnuimh: droch-aigne do bheith dhá chothughadh. Bíodh san mar sin anois agat olc ar olc: rud as an slighe in aghaidh ruda as an slighe. Bhuail lé holc chugham me: fear is fonn mo ghoirtighthe. Is iomdha olc déanta ges na cómharsanaibh air: díoghbháil, rud éigin déanta nó ráidhte a mhaisleóchadh é i maoin nó i gclú. Imthigheadh an t-olc díot: ciúnuigh. Bhuail olc é gan oiread is "chughat a' púca" do rádh leis: d'éirigh sé chun feirge. "An dtáinig olc air?" – "deirim-se olc leat": ní tháinig: nár chás do. Fear uilc seadh thu chidhim, ní mór an seódh do thógfá ó éinne: fear so-fheirge. An té ná bíonn coinne aige leis an olc ní shaorfadh faic é: an té ná smaoineann olc é féin is ait leis a theacht, nó an té go dtagann tubaiste go ró-obann air. Beir do chuid uilc in áit éigin eile, ní agróchair annso é: an díomas (spíd) atá istigh agat do dhaoinibh. "...crainn bheatha mar an gcéadna i lár an ghárdín, agus crann feasa maitheasa agus uilc" (Gen. II. 9): urchóid: droich-nidh.

olca: *b.4.* díoghbháil, gortughadh, máchail. Ní ar olca liom ná go mbuailfinn thu: ar bhiorán bhuidhe do dhéanfainn é. Ar olca leat do dhéin sé é: chun do mhío-mhaitheasa.

Más ar olca leis ataoi tabhair a thuilleadh dighe dho: má sé do mhian a mhí-leas. Ní ar olca leis féin do dheineann seisean aon rud: bíonn sé sár-aireach ar mhaithe leis féin.

olcamhail: *a.* urchóideach, feargach, díomasach, fíochda, droch-aigeanta. Mar gheall ar rud gan tábhacht ná bí chómh holcamhail, maoluigh: feargach, droich-mhiantamhail. Labhair sé go tulcamhail, olcamhail: feargach agus saothar cainnte air. Choidhche ní mhaithfeadh san rud duit barránach chómh holcamhail sin seadh é: díomasach. Nár bh'olcamhail an bheart do é d'agairt orm tar éis na mbliadhan: droch-aigeanta: lón fada déanta den olc aige.

olcas: (**oilceas, oilceadas**) *f.1.* gráin, mío-ádh, mioscas, aindeise, donas, suaraidheacht, urchóid. Ag dul in olcas atá sé: breis dhonais ag teacht air (iomchar, breóidhteacht, sín etc.). Lé holcas an ime níor bh'fhéidir é do bhlas: máchaileacht: díoghbhálacht. Mara mbeadh a olcas leis é chaithfeadh sé amach ar do shróin as an dtigh tú: a dhonacht leis a dhéanamh. Dá olcas é Séamas budh mheasa bheith ina éagmais: bíodh is gur dona an duine é. Maran ar a fheabhas ní ar a olcas: tímcheall mar a chéile dho (breóidhteacht, sín, iomchar etc.). Bíonn sólás fá olcas a chomharsan air: an aiste dhona a bhíos ortha. Dob olc leis thú do bheith ag dul chun cinn: rud nár thaithnigh leis; ach dob olc leis mar bhís ag dul chun cinn: budh mhall is budh dhona leis. "Dá olc cách is measa Conchobhar", dá aindeisighe mo bhróga-sa is aindeisighe ort-sa go mór iad: pé iomard nó aindeise bheadh ar dhuine gheobhfí duine budh mheasa 'ná é. Olc an tsaoghail a ghaibh thríd: donacht. "Agus féach, thángadar seacht mba eile amach ina ndiaidh, truagha gránda, teircfheóla a leithéid ná feaca me riamh ar feadh críche na hÉigipte ar olcas": donacht: seirgeacht is luime is boichte. Olcas an tráthnóna do choimeád istigh sinn: an droich-shín. Caith uait olcas dighe! riamh níor bhlaiseas aon rud budh mheasa 'ná í. M'olcas chun siubhail b'éigean dom tabhairt suas: gan a bheith maith a dhóthain. M'olcas radhairc a fhágas gan léightheóireacht me: gan é do bheith ar feidhm agam. Bhuadhais ar an ndiabhal dá olcas é: pé urchóid atá ag baint leis. Buailfear thu le t'olcas indiu: crostacht, míneairidheacht. Déineann síor-churadóireacht olcas don dtalamh: téigheann sé i ndaidhbhreacht dá dheascaibh. An t-olcas atá istigh sa chneadh bainfidh san amach é: an droch-rud atá ag déanamh na díoghbhála.

oll-: *i gcfbh.* mór, príomh, arrachtach, cómhachtach. Dhá uair sa ló a ritheann an t-oll-charbad idir Thráighlí is an Daingean: carbad a iomcharóchadh ós cionn fiche duine. Tá gach aon rud go holl-bhláthach ag an dtír ambliadhna is a rádh ná fuil an cogadh innte: ar fheabhas na cruinne. Scannruigheann an teanga oll-bhorb atá aice me, ó is goirgeach í: fíochda. An míol mór oll-ainmhidhe an domhain: an t-arrachtach is mó. Leig an tarbh oll-bhéic as, budh chómh-chlos ar fuaid an pharóiste: béic uathbhásach lé neart is aoirde. Oll-bhitheamhnach é siúd a ghoidfeadh an radharc as do shúil uait: ceann críochnuighthe, rithte. Is iomdha oll-chúinse istigh i mbolg an bhitheamhnaigh, is deacair é do sheachaint: mór-chleasa fealltamhla is lúbaireacht. Dá mbeadh do bhéal dúnta b'fhusaide dhuit é, an iomad oll-chlabaireacht ar fad agat: breis mhór chainnte ar nidhthibh ná baineann leat. Is oll-chóngamh do Shasana an Rúis is a maoin is a cumas do bheith ag cabhradh léi: cóngamh iongtach: gan teacht anuas air: tacaidheacht iongtach. Oll-chómhacht Dé gan teóra thiocfadh chun ar gcóganta ar an uain budh lugha ár gcoinne leis: an léidmheacht fhairsing, dhothuigse. Ní sheasóchadh an capall an t-oll-chúrsa san ar a dhícheall: cúrsa i

bhfad ró-fhada. Rinne sé a oll-dhícheall chun me do chur fé n-a chois: a raibh ina chumas. An smulcaire míoshásaimh bíonn oll-dhoicheall air roim éinne ná feiceann sé cuma airgeadamhail air: doicheall gortach. Capall oll-dhúr é seo, aon oighre air ach é siúd a bhí ag an nGiolla Deacair: go háidhbhéil righin ró-neamh-éascaidh. Do loisc Dia ó neamh lé teine is ruibh an dá chathair oll-dhraosta: a bhí go ró-mhalluighthe i bpeaca. Deas, íseal tá oll-éisteacht na heascún ag eisean: "chloisfeadh sé an féar ag fás": éisteacht lán-ghéar. Oll-éifeacht an fhir a choisc ar mharbhadh iad – ghá gceannsughadh is ghá gcómhairleach: ciallmhaireacht is fuaimeant mhór. Á, fairír géar, is iomdha rud a bhaineas don nduine oll-easnamhach dul lé mío-mhacántacht: easbhaidh amhgarach. D'éirigh aníos as an loch chuige an amhailt oll-ghránda: níos gráinne budh dheacair di do bheith. Budh mhór an t-iongadh é lé n-a oll-eólas, teangthacha, leigheas, etc., ar a thoil féin aige: eolas fairsing lán-iomadamhail. An oll-fharraige atá indiu ann ní rithfeadh long í gan bac lé bád: árd, borb, fiadhain. An áit oll-fhásta lé fiadhaile is salachar 'e cheal aire do thabhairt do: salachar is uile gabhtha lastuas de. Tír oll-fhairsing an Rúis, cuid dhi gur beag déanamh amach uirthi: áidhbhéil i méid. Tír oll-fhuar go reódhfá innte gan bheith deagh-chlúduighthe, aireach. Gála dob eadh é, a staith an crann san is a oll-phréamhacha aníos as an dtalamh: préamhacha láidre, faid-shínte. Fé mhaidean bhí oll-fhoghail déanta ag an arm coimhtheach ar an gcathair do thógadar: í scriosta aca. Tháinig oll-fhionnach air gur dhóigh leat ná fágfadh sé luid lé chéile sa tigh gan briseadh: buile is conach. Leigeadar oll-gháir áthais a thógfadh an clár ded cheann ar thógaint an bhaile dhóibh: béic árd, láidir. Ní gábhadh dhuit bheith leath chómh holl-ghothach is taoi, cloisfí chómh maith thu is ní haon eagla a chuirir amach: árd-ghlórach. Mara mbeadh na tíortha atá i gcogadh do bheith oll-ghustalach do b'fhada go bhféadfaidís bheith ag caitheamh na milliún in aghaidh an lae air: an t-aimeón maoine aca. Oll-ghríosach theine a loiscfeadh id bheathaidh thu: ceann áidhbhéil lé méid is lé teas. An oll-ghnúis a bhí air, scannróchadh sí na céadta: féachaint arrachtach, uathbhásach. An craosaire, dá bhfeictheá na h-oll-ghreamanna a bhaineadh sé de gach iarracht as an ngeannc fheóla: béalóga móra, taithigeacha. Cois teine is me im óige do bhíodh cur síos ar oll-ghníomhartha na Féinne ges na seandaoinibh: gníomhartha is bearta móra gaisce agus fleadhachais. Séanann an Rúis go láidir go bhfuil aon dul chun cinn mór dhá dhéanamh ag oll-iarrachtaidhibh na Gearmáine: eitimidhe ar an móir-mhéid. Thug an fharraige fhíochmhar oll-íde ar na mairnéalaigh bhochta i gcoinnibh na gcarraigeach, ní mór gur fhág sí pioc díobh lé chéile: crích ghránda. Ceann mór muice, nách é an t-oll-itheadh in aon bhéile é: itheadh áidhbhéil. Táir ró-oll-labhartha ar fad, is teangmhóchaidh duit lá éigin mar ná foidhneófar i gcómhnaidhe leat: an iomad mór cainnte agat ar fad. Oll-lagachar ar a croidhe ná féadfadh dul anáirde an staighre: laige is anbhfainne mhór. Thugadh sé go fial dos gach éinne a bhíodh ina ghanntar le holl-laimhthighis (laifís) croidhe: iomad oinigh. Oscar oll-laoch na féinne: an té aca budh láidre is b'fhearr gníomh. Oll-loingeas Shasana dhá dhísciughadh in aghaidh an lae ag báid fé thuinn: an méid mhór long a bhí aice. Is é an t-oll-luas é teacht treasna Mhearaice ar an dtaobh istigh de lá: siubhal áidhbhéil. Bean dob eadh í a bhí áitrighthe ar fuaid an domhain lé n-a holl-mhaise: a háilne iongtach. An iongadh dho, cúl (beathuighthe) do bheith air is na holl-mhaithistidhe atá aige gach lá dá shaoghal?: soghaltaisidhe lé n-itheadh is gach seascaireacht is sásamh 'na theannta. Tá oll-mhaitheas aige is a rian air: rogha is togha gach nidh a théigheas 'on bholg. Is minic sin oll-mhaidhm déanta ar Lonndain ón aer: pléascadh agus léir-scrios. Is a dhícheall do dhéanamh, ní fhéadfadh sé a oll-mhaoin do bhí aige do dhísciughadh mara gcaithfeadh sé

uaidh ar fad í: an saidhbhreas is an gustal. Ar pháirc an chatha atá an t-oll-mharbhadh dhá dhéanamh na laetheannta so: na míllte ag tuiteam san ár. Oll-mhasclach mhná a scannróchadh duine lé n-a féachaint: bean uathbhásach i dtoirt. Sléibhte oll-mhóra ná deaghaidh cos peacaigh fós riamh ortha: an-árd, an-thoirteamhail, is mórán den ndúthaigh fútha. Leis an oll-mheabhraidheacht a bhí istigh ina cheann dhein sé eolas na slighe in áit dhiamhair ná raibh sé riamh roimhe sin: meabhraidheacht thar barr: fíor-cheart inntleachta. Cad é an t-oll-mhearbhall atá ort go bhfuil gach aon rud dhá dhéanamh bun os cionn agat: meascán mór mearaidhe. Faic ní bhfaghfá thall ná abhfus annso, an uile nidh ina oll-mheidrisc: tóin thar ceann is trí n-a chéile. Feóil ar oll-mhiasaibh ina gcnocánaibh: miasa móra, fairsinge, doimhne. Cuireann sé oll-mhórtas orm a fheabhas a rinnis: meas thar barr. Ghaibh an ólaidhe lastuas díom agus mara bhfuaireas oll-mhúchadh uaithi: tumadh is clúdach uisce. Deirir liom go bhfuil dáréag clainne aca, nách ortha atá an t-oll-mhuirear: muirear muireasach. Oll-namhaid d'aon dúthaigh an Rúis lé n-a méid i maoin, i ndaoinibh 'si bhfearas: namhaid éachtach ar gach cuma lé claoidheachtaint. Ar an oll-namhadas atá aige dhuit ní féidir é do cheannsughadh go fóill: árd-dhroch-aigne: faltanas mór. Oll-nidhthe an domhain ina chúram ar an nduine sin, níl nóimint sois aige: nidhthe troma, tábhachtacha. Fé bhun oll-ósbairt do thabhairt do ní bheadh sé chómh dona goirtighthe seo: suathadh mór, trom. Creidtí go bhfeictí oll-phiast sa loch san fadó riamh go mbíodh muing ar nós capaill uirthi: piast arrachtach, áidhbhéil, ghránda. Ní fhéadfadh neach fulang leis an oll-phian a bhí air: pian diabhalta uathbhásach. Mise a fuair an t-oll-phionós ón neascóid a bhí ar mo mhuineál: pian is diachair nimhneach. An t-oll-phlaosc a bhí ar an bpéist úd chuirfeadh sé crithniughadh ort: ceann áidhbhéil lé toirt is gráineamhlacht. Síos go holl-pholl íochtair ifreann go dtéighidh sé!: aigéan. B'éigean fios do chur ar na Gárdaidhe chun deireadh do chur leis an oll-ranngás a bhí aca: dul trí chéile is útamáil gan aon teóra. B'uathbhásach ar fad é oll-ruathar na Frainnce: a tuiteam go hiomlán. Pé áit go ngeóbhair oll-rath go raibh ort: séan is ádh go fairsing. Ní fhéadfadh éirghe leis an oll-réim i gcómhnaidhe: an mórtas is an tábhacht go léir thar barr. Na cosa oll-reamhra atá fúithi ní rabhadar fé mhnaoi bhreágh riamh: ró-théagartha, ró-bheathuighthe. Ar an oll-riaradh atá ag an nGearmáin lé déanamh ar a bhfuil de thíorthaibh fé n-a smacht anois ní fhéadfadh gan bheith ina ualach mhór ar a harm: cóiriughadh is dlighe ar líomatáistidhibh fada, fairsinge. B'fhearr liom ná oll-righe na hÉireann go mbeadh greim agam ort, cad é an fola-thachtadh do thabharfainn duit: cead riartha na hÉireann uile. Ghaibh an oll-sháimhe lastuas de an oiread san gur leisce leis corruighe chun a chod bídh d'itheadh: suaimhneas is liostacht áidhbhéil. Oll-sháith aca, mar bhí an t-airgead aca chun a bhailighthe isteach roim an ngannchar de gach rud a theastóchadh uatha: a leór-dhóthain. Choidhche ní fhágfaidh oll-shainnt an tsaoghail thu, an mbeidh do dhóthain go deó agat?: cíocras fíochmhar. Níl aon bhaoghal, mhuis, ná gur fiú arm oibre do chur id láimh-se, mar is tú go mbeidh an t-oll-shaothar déanta tráthnóna agat: an ghaisce mhór ar obair. Is oll-thaidhbhseach an cnoc é Bréanainn ameasc na coda eile istigh: toirt mhór aige. D'fhear bheag is oll-thréan é thu ar a bhfuil déanta agat ina ghiorracht aimsire: go hiongtach amach is amach. Gach éinne is a bharamhal féin aige ar oll-threascairt na Frainnce: maidm obann, uathbhásach. An Ghearmáin ghá mhaoidheamh go teann gur fós do gheobhaidh a namhada an oll-thuargaint uaithi: an suathadh is an léasadh nách féidir cur síos air roim ré. Oll-thionnacal long earraidhe dhá phléascadh ón aer: mór-chuid Éireann long in aon chruinniughadh fé chosaint. Nuair buaileadh an gadhar do leig sé oll-uaill budh dhóigh leat budh cheart do

chlos san domhan toir: glam uathbhásach lé haoirde is lé pian. Is mór go léir an t-oll-ughdarás a thairngeann tu ort féin: cuireann tú rómhat baint do bheith agat lé rudaidhibh ná fuil cóir, ceart ná cead agat chúcha.

ollamh: *f.1.* árd-oide, máighistir, stiúrthóir. Ollamh lé Gaedhealaing san iol-scoil: árd-mháighistir. Dá mbeadh sé chómh léigheanta lé hollamh Fódla ní bhfaghadh sé an lá ort táir chómh glic-cham san: árd-chómhairleóir righe Éireann. Ollamh diadhachta, dlighe, ceóil: oide ceart oilte ins na healadhanaibh seo.

ollamhanta: *a. n-dh.* ag baint lé hollamh, lé hoide, léigheannta. Táir ró-ollamhanta dhómh-sa chun dulta chun áitimh leat: ní bhfuaireas an scolaidheacht mar fuairis-se. Cúrsaidhe ollamhanta a bhíos ar siubhal aca is ní chuirim aon tsuim ionta, mar ná feadar faic mar gheall ortha: a bhaineas lé léigheann. Cainnt ollamhanta: dhoimhin.

ollamhnach: *a.* léigheanta, fileata. Níor labhair sé riamh, agus is gnáthach leis labhairt go maith, níos ollamhnaighe 'ná labhair sé anocht: líomhtha, léigheanta. Cuireann sé cainnt as, do thuata mar é, chómh hollamhnach leis an gcuid is fearr: fileata: deisbhéalach.

ollamhnach: *f.1.* fear léigheanta, fear i mbun bearta i gcoláisde, etc. Ollamhnach ar Ghaedhealaing seadh é, tá sí aige idir shean-Ghaedhealaing agus Ghaedhealaing na haimsire seo. Cuireadh ollamhnaigh ameasc na n-oileánach chun dteagaisc mar ná raibh eólas léighimh ná scríobhnóireachta ortha: oididhe oilte.

ollamhnacht: *b.3.* (**ollamhnas**) deárscnacht in ealadhain, réimeas, árd-chéimeacht. Fuair sé ceannas na hárd-scoile lé n-a ollamhnacht ar mhórán adhbhar léighinn: a fheabhas. Rug sé an ollamhnacht ar gach rud dár thug sé fé: ceannas: árd-chéimeacht.

ollsacht: *b.3.* alltacht, iongadh, suaitheantas. Cuireann tú iongadh is ollsacht orm go ndéanfá teip ar rud chómh sonaoideach, duine go bhfuil do cháil chómh hárd: corruigheann sé m'aigne go mór lé haiteas a thuiteam amach. Ollsacht ruda dob eadh é gur báthadh as an mbád iad so go raibh snámh aca agus an té ná raibh go dtáinig slán: aiteas ruda. Ní deacair ollsacht do chur ort má chuireann airgead do bheith agam-sa ort é: suathadh mór de chion na huaire ort: corruighe áidhbhéil lé neamhchoinne.

olltais: *b.2.* amhtais; duine neamh-lághach, neamh-shíbhialta; tuathalán aindeis. In ionad freagartha shíbhialta do thabhairt duit, ní bhfaghfá uaidh ach gnús ar nós na muice, an olltais gan béas: duine gan meón múinte. Cá raghadh an olltais sin ag cainnt? chun náire do thabhairt do féin: tuathalán cainnteóra. Do satalófá ar m'órdóig thinn, do dhéanfá san, a olltais: a rud aindeis, thuathalaigh. Cá bhfuil an gnóth ag olltais de shiopa? chun bheith ag ullfartaigh ar gach éinne a thagas isteach: duine a thabharfadh sclaimh ar gach cor ort.

ólta: *a.r.* diúgtha, íbhthe, fé rian meisce, díscighthe, súighte. Stadfaidh sé nuair bheidh deireadh ólta aige: an phingin déidheannach caithte aige ar an ndigh. Cuir díot abhaile anois, tá do leór-dhóthain ólta agat: deocha mearbhaill curtha id bholg agat. Bhí braoinín ólta aige ach ní raibh sé as an slighe: díreach go n-aithneófá rian na dighe air. An chuach ólta go tóin: gan deóir fágtha innte. Lé duine a bhíos tugtha don ól deirtear, "is iomdha

braon ólta riamh aige". Is breágh galánta an chrích atá curtha agat air, é do bheith ólta agat (searbhas): do chuid do bheith caithte agat ar an ndigh. Beidh an tigh ólta amach aige sara fada muna staontar é: scriosfaidh sé é lé n-a chuid ólacháin. An bhfuil an phíp mhór tobac úd ólta agat lé leath-uairín?: an gal déidheannach tairngthe.

óltach: *a.* tugtha don ólachán; meisceamhail. Nuair connacthas go déidheannach é bhí sé óltach go maith, bhí grogaidhe dhá bhaint as: breis a dhóthain ar iomchar aige. Chaith sé a dheoch chómh maith lé fear na méaracán ach ní bhíonn sé óltach: ní leigeann sé rian na dighe air féin ná ní gnáthach leis ól. Ní taithneamhach ná ní meastamhail an radharc fear óltach é ar a ghroga ag tabhairt dhá thaobh an bhealaigh isteach: meisceamhail.

olughadh: *f.* (*-uighthe*) ungadh, an ola dhéidheannach do chur suas. Tháinig an sagart chun é d'olughadh chun báis: ungadh: an ola dhéidheannach do chur. Gan cléireach láithreach chun a n-oluighthe: gnás déidheannach na heaglaise do dháil dóibh. Mise an sagart oluighthe a bheidh ort-sa: mise a chuirfidh deireadh leat. Olughadh an chroidhe an t-ím: íle: ungadh: is é is maith mhór do.

oluighim: *b.a.* cuirim an ola dhéidheannach ar. B'é an sagart so a oluigh chun báis é: a thug an tsacramaint dhéidheannach dho.

oluighthe: *b.a.* ungtha. Seadh, is mór an nidh é do bheith oluighthe chun báis: an ola dhéidheannach curtha air i gcóir na síorraidheachta.

ómardha: *a. n-dh.* ar dhath an ómair. Cad é an tuar na scamaill ómardha lé fuinidh gréine? A folt ómardha ina shlaodaibh de dhruim a gualann.

ómbó: *intriath.* Ómbó agus ómbó an Ciarraigheach malluighthe .i. duine ghá sheachaint féin air: ní dóighthín é dul ina threis.

ómós: *f.1.* urraim, umhalaidheacht. Lé hómós do tugadh an suidheachán dob fhearr is budh thábhachtaighe sa tigh do: lé meas air mar gheall ar a luaigheacht. Sléachtar ag gabháil thar sáipéal lé hómós don gCorp Naomhtha: onóir cádhais. Tugann an lucht adhmannais atá annso ómós do n-a shaoiste agus is fiú san é: meas agus géilleadh dúthrachtach. Na leanbhaidhe go mbíonn an oileamhaint cheart ortha tugaid ómós dá muinntir: onóir.

ómósach: *a.* géilleamhail, umhal, urramach. Oibrighir go hómósach dom agus tá buidheachas agam ort dá réir: go humhal, dúthrachtach. B'é dob ómósaighe den gclainn, dheineadh sé an uile rud ar a mhuinntir a hiarrtí air: dob umhla. Toisc nár labhair sé ómósach a dhóthain sa chúirt do ghearraidh an giúistís fíneáil air: nár thug sé an urraim di budh cheart do. Chaith na tríontaidhthe do bheith ómósach dos na tighearnaidhibh talmhan nó amach leó: géilleamhail: ullamh lé rud do dhéanamh ortha. Buachaill ómósach dhéanfadh sé aon teachtaireacht duit a iarrfá air: deagh-mhaitheach: umhal.

ómra: *f.4.* róras, saghas róisín cruaidh tiadh-bhuidhe; ar a dhath. “Sé an chuil san ómra agat é”: tá sé ag teacht an-achrannach ort é do thuigsint: tá an scéal dulta dhíot. A folt mar an ómra: buidhe, agus scáil ann.

ómra: *a.* tiadh-bhuidhe. Tá gléas ómra i gcois na scine: buidhe.

ón: *intriath.* dar ndóigh. Ón, dá n-éisteófá: dar ndóigh dob fhearr mar sin. Ón, níor thuigeas é, níor cheart aon mhilleán do bheith orm .i. ag fagháil leathscéil, deirtear é mar seo nó nuair thagann groga labhartha i nduine: - ná bíodh “ón” ná “án” ort ach abair amach pé rud atá lé rádh agat.

onóir: *b.3.* meas nó urraim a bhíos ag dul do nó a tugtar do chlú, cáil, do dhuine nó rud gur fiú é é; meas an duine air féin; meanma; deimhniughadh go mbíonn ainm duine i dtreis; árd-mheas dréir luaigheachta; cómhartha mar teideal do dáiltear ar dhuine. Ná tabhair súnc d’onóir aon mhná: dá cáil geanmnaidheachta. Tabhair dot athair is dod mháthair an onóir: an meas agus umhalaidheacht a bhíos ag dul dóibh: géill dá gcómhairle is dá dteagasc. “Is uaisle onóir ’ná ór”: cá maith airgead nó maoin mara mbíonn meas is urraim na ndaoine ag duine: má gheibheann duine teideal nó cómhartha lé mór-mheas air as ghaisce nó mór-shaothar maireann san ach ní lughaide ag an ór ’ná a scaipeadh. Budh mhór an onóir liom aon rud do dhéanamh duit a bheadh ar mo chumas: budh mhór agam me féin dá chionn. Ar m’onóir, agus ní déarfainn sin dá mbudh nár bh’fhíor é, ná raibh lámh ná ladhar agam san ócáid seo: cuirim mo cháil is mo chlú mar dhearbhughadh leis. Dréir onóra caithfead diúltadh mar nuair iarras ní bhfuaireas .i. níor mhór é mo mheas agam orm féin dá nglacainn. Tugadh onóir saighdiúra dho: tugadh teideal do nó céim de bharr a luaigheachta, nó dá adhlacadh fuair sé an urraim is dleacht do dréir gnáis an airm. Lé toil t’onóra an dtabharfá cead dom: más mian lé duine chómh mór nó chómh tábhachtach leat é, nó ag labhairt lé giúistís nó breitheamh (is minic gur leamhas a bhíos ann). “Ólfad an braon so” ars an tsean-bhean in onóir don oidhche (Nodlag): le hurraim di. Ofrálaimís suas na paidreacha in onóir na Maighdine Muire: le cádhas ar son a mór-luaigheachta. Fuair sé onóir mhór ar na páipéaraibh ar son na himeartha a dhein sé: moladh agus meas. Onóir don áit gurb as tu: tugair mór-mheas do. Ní bhfuaireas aon onóir riamh as aon adhbhar scoile: moladh nó duais as m’fheabhas. I ngach áit dár ghaibh sé fuair sé onóir: meas agus ómós. Sín chuige le honóir é, ní mar shínfeá go dtí madra é: go meastamhail, urramach.

onórach: *a.* árd-mheastamhail; urramach, tóirtéiseach, mórdhálach. A dhuine onóraigh, tuig i gceart me ní i bhfeighil do mhasla atáim san do rádh leat: a dhuine mheastamhail. Is maith is eól dom ná fuil beart onórach ina aigne ná ina chorp: ná fuil sé ó phréimh ann rud meanmnach ná ionraic do dhéanamh. Ó fuair sé an t-éirghe beag san sa tsaoghal tá sé ró-onórach labhairt lé mion-daoinibh mar sinne: lán suas de thábhacht as a fheabhas féin dar leis. Is onórach liom aon lá dem shaoghal do bhróga d’fháscadh dhuit, tá an oiread san urrama agam duit: is áthas croidhe liom. Ní dhéanfá – an ndéanfá? – aon rud chómh neamh-onórach lé leabhar éithigh do thabhairt: rud táir, mí-mheastamhail. Is onóraighe dhuit go mór gan tor do thabhairt ar dhailtín: is móidide do cháil is do chlú é. An t-uachtarán caogaid agus an duine onórach, an cómhairleach agus an ceárd foghlumtha agus an deagh-labharthach [árduigheann Tighearna na sluagh leis iad]: an duine atá

ionraic is meas air dá réir. A Dhia onóraigh, cad fáth gur dheinis sin, a dhuine. A Dhia onórach, cad dhéanfad anois, táim cluichte?: go bhfuil ár gcádhas uile is ár mór-urraim ag dul duit. Daoine onóracha iad san ná fuil beart shuarach ná mí-ghníomh ina gcreat: go bhfuil sé geinte ionta cad is cóir is ionrachas ann. Sin fear onórach ná brisfeadh a fhocal, bíodh do mhuinghin as: díreach.

onóradh: *f.1.* (*-rtha*) do thabhairt mór-mheasa dho, do mhóradh go hárd; d'adhradh. An dóigh leat gur ag onóradh Dé ataoi bheith ag cainnt i dtigh Dé?: ag tabhairt na hurrama dho is dual do ann. Tháinig daoine rómhainn annso in Éirinn a bhíodh ag onóradh galán cloch mar Dhia: ghá n-adhradh: ag tabhairt na hurrama céadna dhóibh is thugann críostaidhe do Dhia. Ag onóradh na Maighdine trí úrnaighthe d'ofráil di: ghá móradh: ag tabhairt an mheasa dhi atá tuillte aice de bhrigh gur bh'í máthair Dé í. Ní hag onóradh na saoire bheith ag obair lá beannuighthe an Domhnaigh: ag tabhairt an mheasa dho is dual do – scur ó obair. Téighimís 'on tsochraid ag onóradh na marbh: d'fhoillsiughadh ár measa dóibh.

onóraim: *b.a.* tugaim mór-mheas do; móraim; glóirighim; adhraim; tugaim urraim is cádhas do. Má onóir fear bean riamh d'onóir seisean me: an oiread san cheana aige orm ná raibh aon rud ar an dtalamh ná déanfadh dhom. Bochtaine agus náire don té a dhiúltas teagasc; acht an té ag a mbí meas ar achmhusán onórfar é: glóireófar. Onóraim Dia os cionn an uile nidh, tá súil is dóchas agam: tugaim do an urraim is an meas nách fiú liom do thabhairt d'éinne ná d'aonnidh eile. Onóruigh t'athair is do mháthair, ionnas go mbudh fada do laethe ar an dtalamh, a bheir an Tighearna do Dhia dhuit: dein a dtoil agus bí umhal dóibh. "Agus annsan adubhairt sé, do pheacuigh me, gidh guidhim thu, onóruigh me ós chómhair shean mo phobail agus ós chómhair Iosrael, agus iompuigh liom airís go n-adhraidh me do Thighearna Dia": tabhair meas dom os a gcómhair. "...agus go n-onórfaidh tu é [an Tighearna] gan do shlighthe féin do dhéanamh nó t'aoibhneasa féin d'fhagháil, nó gan do bhriathra féin do labhairt" (Iosaih LVIII. 13): go dtabharfair an méid sin ómóis do do shéanadh na nidhthe seo. "Acht ina áit onórfaigh sé Dia na ndaingneach agus Dia nár bh'aithnid dá aithreachaibh, onórfaigh sé lé hór agus lé hairgead agus lé clochaibh buadha, agus lé nidhthibh breághtha" (Dan. XI. 38): d'fhoillsiughadh a mheasa bronnfaidh iad.

onóruighthe: *a.r.* meas, urraim, ómós, umhlaidheacht tugtha dho, etc. Is mise an duine atá go honóruighthe ag t'fhiadhnaise san mbothán mbocht, ndealbh so: mothuighim gur cúis mhórtais dom tu do bheith ann. Nách í an Mhaighdean a bhí go honóruighthe nuair tháinig aingeal an Tighearna leis an dteachtaireacht is iongtaighe riamh chúiche: nách ise a fuair an urraim ghlórmhar. Ainm is cáil Eimit onóruighthe i gcroidhe gach fíor-Éireannaigh: fé mhór-mheas ann. Tar éis Dé féin níl neach dár saoghluigheadh is onóruighthe ag Caitliocaidhthibh ná an Mhaighdean: is mó urraim aca.

ór: *f.1.* mianach luachmhar, dath buidhe, doi-theimhealuighthe, trom, intsínte; earraidhe déanta den mhianach; airgead, maoin. "Ní thabharfainn ar ór na cruinne é", deir duine le rud go mbíonn lúib mhór istigh aige ann. Chómh buidhe lé hór ní fuláir nó is í an liath-bhuidhe atá air: buidhe amach 'samach. "Fáinne óir ort!" deirtear ag moladh dhuine go mbíonn beart mhaith déanta aige (gan choinne), páirtidhe lé n-a pháirtidhe nuair

gheibheann sé cúig, ag cur meisnigh air. Imthigheann an t-ór is fanann an óinseach: scaiptear an spréidh is fanann an bhean a pósadh ar a shon. Dá mbeadh ór (buidhe) ar sileadh as gach ruibe gruaige ar a cheann ní chúiteóchadh choidhche leat ar dhein sé dhuit: dá mbudh ór ar fad é. Is fiú ór gach aon órdlach de: tá sé go hiongtach. Is fearr cáirde ná ór: dhéanfaidís gar duit ná féadfá do cheannach lé hairgead. "...agus do chuir sé culaith shíoda uime agus do chuir slabhradh óir fá n-a bhrághaid" (Gen. XLI. 42): déanta den mhianach. "Agus na coinnleóiridhe d'ór fhíor-ghlan...agus leis na lóchrannaibh agus leis na teannacharaibh óir" (1. Ríogh. VII. 49): na nidhthe seo déanta den mhianach. B'shid í bliadhain an óir dá bhfanadh an fóghmhar tirim: toradh iongtach innte. "An mbeidh beann aige ar do shaidhbhreas? ní bheidh ná ar ór ná ar aon chumas eile nirt" (Iób XXXVI. 19): ar aon rud gur fiú é. "Ar son práis béarfaidh mé ór liom, agus ar son iarainn béarfaidh mé airgead, agus ar son connaidh prás agus ar son cloch iarann, agus fós déanfad síothcháin dod leathtrom agus ded dhaoirchíos fíréandacht" (Isaiah LX. 17). "A dhaoine leamha agus dalla an mó an t-ór nó an teampall a naomhas an t-ór?" (Matha XXIII. 17): an cómhachtaighe é. Ór ná airgead níl tar éis mo shaoghail agam: bocht, dealbh. Ní bhfaghfá ar ór uaidh é, ní haon mhaith é d'iarraidh air: tá an iomad lúib istigh aige ann. Níl aon bhaoghal ná go bhfuil ór sa talamh san ach é do bhaint as: saidhbhreas chun tortha do thabhairt. Bainfear ór as san fós: bainfear tairbhe mhór as: toradh nó saidhbhreas. "Is córa ainm mhaith do bhreith de roghain 'ná saidhbhreas mór agus cineál grádhach thar airgead agus thar ór" (Seanráidhte XXII. 1). A dhuine ná cruinnigh an t-ór, mar imtheóchaidh sé ar nós an tsneachtaidh uait etc.: rud duthain seadh é.

ór-, óir-: *i gcfhbh.* déanta den mhianach, ar a dhath, uasal. D'íbhidís as ór-áruistidhibh. Ór-árus ina gcómhnuighir annso, nách aoibhinn a shuidheamh: árus iongtach ar gach cuma. Ar an ndath glioscarnach a bhí ionta fén solas budh dhóigh leat gur ór-bhróga a bhí uirthi: den mhianach. Cneas ór-bhuidhe tréis na dtíortha teó lasmuigh: buidhe, gléasmhar. Ór-cheárdaidhthe an ríogh: iad so a bhíodh ag déanamh órnáididhe, etc. de dho. Cailín óir-chiabhach: folt buidhe-scáilmhear uirthi. Leabhar óir-chiumhaiseach: go mbeadh ór leachta cimilthe d'fhaobharaibh na mbileóg, etc.

órach: *a.* torthamhail fé ór. Cluinnte óracha san Afraic.

óráid: *b.2.* aighneas toghtha ar ócáid áirighthe; cainnt phoiblidhe i dtaobh ruda éigin; beannachadh. Thug sé óráid ar an marbh uaidh in aice na huagha: cainnt curtha as tóin a chéile go haireach, snasta lé dúthracht is lé mothuightheacht. An óráid a thabharfair dúinn in ionad na dighe: cómhairle fhadálach ar olc an olacháin. Bheannuigheamair dóibh agus bheannuigheadar dúinn den óráid chéadna: thugadar an beannachadh céadna dhúinn. "Agus lá órduighthe áirighthe ar mbeith d'Ioruaidh éaduighthe in éadach ríodha agus ina shuidhe sa gcathaoir bhreitheamhnais do rinne sé óráid dóibh" (Gníomhartha XII. 21): trácht do rud éigin áirighthe i mbriathraibh toghtha.

óráididhe: *f.4.* duine a thugas óráid uaidh; cainnteóir nó aighneastóir líomhtha poiblidhe; duine gur meón aige labhairt go hiomadamhail ar aon rud. Bhí sé de theist ar Dhómhnall Ó Conaill gur óráididhe iongtach é. Bheadh sé i bhfad níos fearr i gcómhrádh dá seachnadh sé bheith ag aithris ar óráididhe: cainnteóir mar bheadh ar árdán poiblidhe.

óráididheacht: *b.3.* ealadha an óráididhe; inscne; úrlabhra leantach líomhtha. Bhuaidh sé bonn óir ar óráididheacht: ar an aighneas budh líomhtha, budh shnasta, is budh dheagh-chúmtha. Um thogha gheibhimíd díle óráididheachta ó lucht poilitidheachta: ár leór-dhóthain d'aighneas phoiblidhe. An lá caithte ag óráididheacht agat cois conntabhairte is gan aon ghlaodhach asat: ag cur thart mar bheifeá ar ardán: ealadha labhartha lé hinntin cainnt do chur ina luighe ar an lucht éisteachta. Óráididheacht is fearr agat: flúirse chainnte ar rud do dhéanamh is gan aon chur leis.

oráiste: *b.4.* beatha d'ainmhidhthibh – féar, coirce etc. An iothla gan oráiste an gheimhridh innte ní maith an chómharsa í: olc don bhfeirmeóir.

orc: *f.1.* muc. Gheallfadh sé na huirc is na heairc duit, is ní bhfaghfá faic uaidh: na muca móra is na banbhaidhe beaga: aon rud is gach aon rud a thiocfadh chun a bhéil. Ní gnáth adhal (íol) gan orc: mara mbíonn an mhuc lé crochadh níl call leis an adhal. Dhéanfadh sé na huirc is na heairc ar a bhéal .i. iongtaisidhe: laoch seadh é dá réir féin. Chómh tochraiste teann lé horc: cruinn cothuighthe mar muc reamhar. Orc cránach (collaigh): muc óg oireamhnach do bheith etc.

orcachán: *f.1.* céis mhuice, óg-mhuc bheathuighthe; craosaire. Cad leis go mbeadh súil aige? luach mór? Cad a bhí ionta ach orcacháin?: muca ná raibh in aois a bheith mór a ndóthain ná beathuighthe. Éirigh ón mbórd, a orcacháin, ná hith a thuilleadh nó tabharfair náire dhuit féin: craosaire: sutha.

orcán: *f.1.* muicín; faircheallach beag beathuighthe, craosaire. D'fhanfaidís choidhche ina n-orcáin, ní raibh aon fhás fútha: beag, téagartha. Órcán maith garsúna: teann, téagartha, láidir: faircheallach. Orcán ná féadfá a dhóthain do thabhairt lé n-itheadh dho: sutha, craosaire.

órd: *f.1.* (*gen.* úird, *iol.* úird(eanna)) casúr trom go gcois fhada a hoibrightear leis an dá láimh; ag gaibhnibh is gnáthaighe é. Níor mhór do bhuille ó órd chun aon rian do chur air, tá a cheann chómh daingean, cruaidh sin. Úird mhuilinn an iarainn ní chuirfeadh ann é: tafant ná éigean ní chorróchadh é .i. na húird mhóra throma a hoibrightear lé hinnill. "Níor chuala riamh ceól budh bhinne 'ná ceathrar gaibhne ag déanamh a chruidhte/ a cheap-órd féin i láimh gach nduine/ is iad ag bualadh buille ar bhuille": an t-óirdín éadtrom a chúmas an t-iarann ina earra ullamh, so-láimhe. "Is mall buille an aon úird" .i. níor mhór an dara ceann chun luath-oibre. Órd iarnaidhe: é go léir d'iarann idir cheann is chois. Buille (de) órd: trom.

órd: *f.1.* eagar, cóiriughadh, gnáthas, iomchar dleaghthach, gasra dhaoine go mbíonn móid tugtha aca beatha chráibhtheach do chaitheamh, ag diúltughadh don bheatha shaoghalta. Cuir an uile rud in órd sara mbír réidh léd ghnóth: feistigh iad mar is ceart. Sid iad na hainmeacha dhuit in órd: i ndiaidh a chéile: in eagar. Níl airgead aige ná ór(d) beannuighthe: níl faic in ao'chor aige. Ghlac sé órd beannuighthe: deineadh sagart de. "Agus d'aithin an Rí do Hileiah an t-árd-shagart agus do shagartaibh an dara húird agus do choimeádaidhthibh an dorais etc.": rang: céim. "...do sheasadar ag a gcúram dréir a n-úird" (1. Croinic. VI. 32): a gcéime, a ranga. Táim in órd mhaith – in órd an phósta: fé

chuing smachta. Ní gábhadh dhuit aon cheisneamh do bheith ort, tá an uile rud in órd dhleaghthach agat: mar budh chóir. Gach rud in órd 'sin eagar: socruighthe go gasta gan locht.

órdha: *a. n-dh.* d'ór, ar dhath an óir; áluinn, lonnardha; lóghmhar, sár-mhaith. Chuaidh an ghrian fé um thráthnóna go dearg-órdha: go lonnardha dearg. Péarlaidhe órdha ina cluasaibh: déanta d'ór. Riaghail órdha na beatha – déanamh do chách mar budh mhian leat go ndéanfadh cách duit. Cad é meas! a shlabhradh órdha treasna a bhuilg: d'ór.

órdaidheacht: *b.3.* eagar, cóiriughadh, arrachtas, stuaim; ughdarás. D'fhágas go haonnidh in órdaidheacht im dhiaidh aca san oifig: in eagar cheart: gan faic bun os cionn. Gach uile rud tóin thar ceann gan órdaidheacht ar bith: cóiriughadh ná socrughadh. Bheith ag déanamh órdaidheachta orm-sa, budh leamh liom mar ghnóth é agus a sheacht n-oiread eolais orm féin leis: ag órdughadh so súd do dhéanamh do. Cé hé go bhfuil órdaidheacht an tsiopa so aige?: atá ina cheannas chun a riartha. Is mór mar d'éirigh sé san arm, tá órdaidheacht árd anois aige: céim go ngabhann muirearaighe thábhachtach léi.

órdamhail: *a.* in eagar cheart, cóirighthe, gasta, dréir riaghalach, ughdarásach. Gach aon rud chómh hórdamhail is bheadh ar bórd luinge sa tigh aice: iad 'n-a n-ionad cheart féin. Ráiseanna an-órdamhail dob eadh iad, níor chuala éinne ag gearán: gach aon rud chun sástachta na ndaoine. Nuair chuaidh an oidhche chun síogaidheachta is breis na dighe caithte aca bhí an tigh chómh neamh-órdamhail gur bh'éigean fios do chur ar na Gárdaidhe chun réidhtigh do dhéanamh. Is órdamhail an tslighe a iomcharann an fear san é féin: go macánta, béasamhail. Cuideachta órdamhail lé digh iad: síothchánta, socair. Budh thaithneamh leat féachaint ar an gcuma órdamhail a bhíonn a chuid éadaigh air: é gléasta go gasta, néata. Níor mhaith liom bheith ag obair fé, ní dóigh liom go gcuirfinn isteach an lá aige, tá sé ró-órdamhail ar fad: ró-cheanamhail ar bheith ag órdughadh daoine thall 'sabhfus.

órdamhlacht: *b.3.* gastacht, eagaracht, cóirightheach, ughdarásaidheacht, riaghaltacht, cuimeas, néatacht. Ní raibh sé ar meithil riamh, i mbád, ar chóisir ná in aon áit go mbeadh cruinniughadh ná go mbeadh d'iarraidh órdamhlachta do bheith aige os chionn gach éinne eile: máighistireacht is ughdarás. Ar órdamhlacht tímcheall gnótha tighe budh dheacair an ball d'fhagháil uirthi: ar eagaracht: a dheiseacht agus a shlachtmhaire a bheadh gach rud ina ionad cheart. Mar scata géadhanna sibh, sibh go léir ag cainnt in aonfheacht gan aon órdamhlacht eadraibh: deigh-iomchar: ciúnas is suaimhneas. Deirtear gur dúthaigh í go bhfuil órdamhlacht ar gach rud innte í: í fé riar cheart. Tagann sé chun a chod oibre in órdamhlacht ama: go tráthamhail.

órdlach: *f.1.* an dara cuid déag de throigh; achar bíognach, blodh, blúire. Níl órdlach de thalamh na hÉireann agam: blúire beag. Tá nimh ar gach aon órdlach de, féach an fuinneamh atá ann: gach aon phioc de beó, anamamhail. Dá stracfí as a chéile é ní chorróchadh sé órdlach: ní bhogfadh sé as an áit. Níl oiread is órdlach de choinnil agam i gcóir na hoidhche: leathad m'órdóige. Chuarduigheas an tigh ina órdlaighibh dom sparán gan fagháil air: thíos is thuas. Éire siubhalta ina hórdlaighibh aige ar lorg mná: gach aon áit go mion agus go haireach. D'fhóbair duit, chuadhais i ngiorracht órdlaigh do thuiteam

lé faill: ní raibh ann ach a rádh gur thugais na cosa leat. Raid agus raid an láir fhiadhain go ndeárna sí órdlaighe den dtrucaill: blodhtacha. Budh mhór an truagh thú do bheith órdlach déidheannach, tá sé imthighthe uait: fíor-bheagán. Ar imirt ná ar aon rud eile ní mhaithfeadh sé órdlach duit: ní bheadh sé faic os do chionn: is tú a chómh ar gach cuma. Déarfainn nách cómh-fhaid in ao'chor iad, tá órdlaighe ag ceann aca ar an gceann eile: beagán éigin níos sia. An-mhall ag gluaiseacht orm, ina órdlaighibh (ina órdlach is ina órdlach) atá sé ag teacht. Oiread is órdlach níl lé déanamh agam, chómh díomhaoin lé bacach a chaithfeadh a mhála dhe: luid sa tsaoghal. Sínte ar an úrlár fuar san ar feadh na hoidhche is gan órdlach fé: gan eascair ná leapachas. "Is fearr lé duine órdlach dá thoil 'ná bannlámh dá leas": is subháilcighe thagann sé ar dhuine uaireannta aoibhneas roim a thairbhe. Táimíd ag cur órdlaigh leis an obair: aguisín ar aguisín. Órdlach ní dhéanfadh sé orm: pioc dem thoil ní dhéanfadh sé. Leig chugham órdlach é: bog liom ádhbhairín beag. Faigh órdlach nó dhó de chórda: beagáinín. Níor thug sé órdlach, do sheasaimh sé an ball go daingean: ghéill: bhog. Bímís ag baint órdlaigh den bhóthar: gluaisimís is bímís ag ciorrbhadh linn. Órdlach ón dtigh ní raghadh sé ar eagla fuachta d'fhagháil: olc ná maith ní druidfeadh sé uaidh. Ní fearr Éire (an saoghal mór etc.) ná órdlach: dá chumhainge scarann duine leis an anacair is cuma é ó dheineann. Trí hórdla ar faid. An bhfuil órdlach agat air?: an bhfuilir an méid sin chun cinn air, nó níos aoirde 'ná é. Tabhair órdlach do is tógfaidh sí bannlámh: béarfaidh sé buntáiste neamh-cheart ar aon ghéilleadh dho. Tá sé chómh galánta leat gach aon órdlach: gach aon phioc. "Ó chaitheas an choinneal ceilfead an t-órdlach": ós rud gur dheinimis é ar fad (nó gur chaitheas m'aimsir ar rud) nách mór, tá sé chómh maith a chríochnughadh. Ceathramha órdlaigh dá toil ní bhfuair sí riamh ón ndiabhal fir a bhí aice: é i gcómhnaidhe mursanta. Ní bhfaghair órdlach mara dtugair órdlach: mara mbír tabharthach ní beifear tabharthach leat. Duine caol, cumhang ná beadh órdlach fé dheireadh leat: a luighead caillte leat. Níl órdlach fé bhun míle púnt sa bhannc aige: an méid sin go deimhnightheach aige. Ní bheifeá órdlach buaidhte leis: faic dá thairbhe ní bheadh agat.

órdlaidhe: *f.4.* fear a oibrigheas órd. Órdlaidhe cruinn, tapaidh, buan.

órdlaidheacht: (**úrlaidheacht**) *b.3.* bualadh lé hórd. Is me óg nuair bhínn sa cheárdchain lé n-ár gcapall do dhéininn greas órdlaidheachta don ngabha: bualadh an iarainn chun cruidhte do dhéanamh.

órdóg: *b.2.* méar (luibhean) ghearra reamhar an taoibh istigh; crúb (partáin etc.); blúire; órdlach. Is milis í órdóg phartáin. Ní fhéadfainn m'órdóg do chur air: níl sé ar fagháil. Ladhar na hórdóige: an eaga idir an órdóig is mhéar spáin na láimhe, nó órdóg na coise is an mhéar is giorra dhi. Órdóga gleamaigh: na crúba móra. Ní chreidfinn ón saoghal ná gur chuiris t'órdóg ann: go raibh baint agat leis. An órdóg, an mhéar spáin, an mhéar mheádhoin, an tsisle agus an lúidin; sin iad in órd iad. "...agus ar mhaothán cluaise deise a mhic agus ar órdóig a láimhe deise agus ar órdóig a choise deise agus croith an fhuil ar an altóir tímcheall mágcuaird" (Eacs. XXIX. 20). Dá mbeitheá ag siolagar leis an ocras féach ní thabharfaidís oiread t'órdóige dho bhlúire aráin duit: blúirín. Coimeádfad-sa fém órdóig é sin, ná bíodh eagla ort: coimeádfad fé smacht é. Cuir órdóg eile sa ghloine, ná bíodh peaca an tómhais ort: ádhbhairín eile. "Acht do theich Adoim Beiseic agus do leanadar é, agus do rugadar air, agus ghearradar órdóga a lámh is a chos de" (Breith. I. 6).

Níor mhaith liom faic ar chois ná ar órdóig leat ná éinne a bhaineas leat: aon mháchail géige ar bith.

órdughadh: *f.* (*-uighthe*) cóiriughadh, beartughadh, suidhiughadh, inneall(ughadh); aiste, stáid, can; imtheacht; díriughadh; faisnéis ar lorg earraidhe; focal ughdaráis; órd. Beir fada anois air, nílim in órdughadh gluaiste fós: réidh lé himtheacht. Ná bíodh aon líonrith oraibh, fanaidh leis an órdughadh caithte: an focal (ughdaráis). Dá bhfaghainn-se an t-órdughadh fanacht d'fhanfainn: an foláramh. Aon órdughadh níor shroich an siopa so i dtaobh tobac do chur chughat: iarratas. Bíodh gach aonnidh in órdughadh agaibh i gcóir an chinn urraidh, ar eagla go mbeadh sé ag gearán ar ár mío-órdamhlacht: in eagar cheart: slacht is snas ar an uile rud. Is fada riamh go bhfeaca in órdughadh chómh maith thu, tá cuma an-shláinteamhail ort, bail ort: ar aiste mhaith. Fuaireamair na corpáin ina gcnocán anuas ar a chéile agus b'éigean dúinn a bhfágaint ar an órdughadh san: sa chan san: gan cor do chur asta. Is amhlaidh mar tá agat-sa ar gach nidh go dtí ambáireach – órdughadh na caillighe mar is áil léi féin féin: socrughadh, cóiriughadh. Ní imtheóchadh an gluaisteán dom tá rud éigin as órdughadh ann: ar mí-ghléas: as a ionad cheart. Ar órdughadh an taoisigh scaoileadh saor é: focal úghdaráis. Cé fé n-a órdughadh go bhfuilir (ag obair etc.): cé hé atá in úghdarás ort? An mhaidean san bhíomair fé órdughadh catha ar bhreacadh an lae: focal ón lucht ceannais go raghaimís ag cómhrac. An amhlaidh atáir-se annso chun mise d'órdughadh?: chun a rádh liom-sa so súd is súd is so do dhéanamh. Is fada imthighthe ó órdughadh athar is mháthar é, ina scraiste óltach, dhíomhaoin: ó n-a smacht is riar. Lé hórdughadh an chinn d'ionnsaigheamair ar chéad ghiolc an ghealbháin: tugadh an forálamh san dúinn. Níl aon bhaoghal ná gur trí dheagh-órdughadh na fóirne gur bhuadhadar: an cóiriughadh a bhí ortha ar chródh na himeartha agus an chuma d'iomcharuigheadar iad féin. Mo chuid leabhar caithte soir siar gan órdughadh: riar: cóiriughadh, cur lé chéile 'n-a n-ionadaibh chearta. Órdughadh dian fachta agam an cíos do dhíol ar an dtoirt: é ráidhte liom go gcaithfear a dhíol. Dhéanfadh leath na n-órduighthe an gnóth: níor ghábhadh in ao'chor an oiread mursantachta so súd do dhéanamh. "Cuir uaim na hórduighthe" deirtear lé neach ar bith a bheadh ghod mhúineadh nó ghod ghriogadh chun ruda do dhéanamh is gan ughdarás chuige aige. Múin dúinn céard a déarfam leis; óir ní fhéadaimíd ár nglór d'órdughadh de bhrigh an dorchadais: ár n-úrlabhra do chur in eagar cheart. Níor mhaith liom bheith fé n-a smacht, órduighthe ar fad seadh é: é ró-cheanamhail ar bheith ag brostughadh is ag stiúradh dhuine chun rud do dhéanamh ar a shlighe féin. Órduighthe ar fad an t-arm: caithfidh duine déanamh mar deirtear leis. Na tíortha go léir anois ag trácht ar an órdughadh nuadh a chaithfidh teacht tar éis an chogaidh: an riar is an cóiriughadh a bheidh ar bheatha agus shaoghal na ndaoine nár bh'ionann is bhí. "Más féidir leat me d'fhreagra cuir do bhriathra in órdughadh os mo chómhair; seas suas": i ndiaidh a chéile go bunadhasach. Déin órdughadh ameasc an lucht toirmisc sin: déin riar ortha: cuir chun suaimhnis iad. Fuair sé órdughadh an tsiopa ar fad: a riar: a stiúradh mar budh thoil leis. An scadán ar órdughadh mhaith ithte: ar aiste mhaith. Fuaireas órdughadh thrí chéad bróg: foláramh a soláthruighthe.

órdughchán: *f.1.* síor-órdughadh, síor-bhrostughadh is ghriogadh. Ní bhfaghadh an saoiste céadna a shláinte, mo thuairm, mar mbeadh sé ag órdughchán: ag díriughadh is ag brostughadh ar dhuine an rud so is an rud úd do dhéanamh ar an gcuma so nó ar an

gcuma úd. Fág ar a bhuille é, ná bac bheith ag órdughchán air, sin mar is mó dhéanfaidh sé: ghá stiúradh connus ruda do dhéanamh nó bheith ghá bhrostughadh.

órduighim: *b.a.* stiúruighim duine chun ruda do dhéanamh, cóirighim, cuirim in órd nó in eagar, beartuighim, cuirim mar chúram ar; achtaim, riaraim; aithnighim do; tugaim forálamh lé hughdarás. Is ón dTighearna órduighthear coiscéimeanna an duine, an t-am bhíos dúil aige ina shlighe: is é an Tighearna a stiúras é. Is óg a fuair sé bás, sin mar órduigh Dia dho is dócha: gurb é sin a bhí leagtha amach do. Órduigheann Dia dúinn grádh do bheith againn dár gcómharsain mar bhíonn againn dúinn féin: achtann: leagann sé mar dhlighe lé cóimhlíonadh é. Órduigh an oiread gannaidhe i gcóir an tighe agus is féidir leat d'fhagháil ar eagla na gannchúise is go mbeimís gearra: tabhair foláramh a gcur chughat nó a dtabhairt duit. Órduigheadh dhúinn an tsaoire do choimeád mar is cóir: achtadh dúinn é: dligheadh dúinn é. An té chruthnuigh neamh is talamh d'órduigh sé an chuid dob fhearr do féin: bheartuigh sé: dhein dho féin. Órduigheadh lá áirighthe chun na cúise do phléidhe: socruigheadh air. Is aindeis mar d'órduigh sé a bheatha: mar leag sé amach í: mar riar í. Níor órduigh béal gan biadh: níor chruthnuigh sé neach ná gur fhág cead soláthair do. Órduigheadh ón dtigh me: fógradh dom fágaint. Órduigheadh chun a chrochta é: tugadh an bhreith sin air. "...annsan adubhairt sé, cé órdóchas an cath? agus d'fhreagair seisean, tusa" (1. Righthe XX. 14): cé chuirfidh treóir air. "Óir cóimhlíonfaidh seisean an nídh do hórduigheadh dómh-sa, agus tá mórán des na nidhthibh sin aige-sean" (Iób XXIII. 14): do beartuigheadh dom: achtadh.

órduighthe: *a.r.* fógartha; cóirighthe; socruighthe, beartuighthe; achtuighthe (ó Dhia), ceart, cuibhe. Níl san órduighthe dhuit a dhéanamh in ao'chor oibriughadh Dé Domhnaigh: thíos i reacht Dé. Áthrach salainn órduighthe ag an gceannaidhe: fios curtha aige: fógartha chun a churtha chuige (ar dhíol as). An nidh atá órduighthe dhom tá orm a chóimhlíonadh: fógartha de bhrigh cómhachta nó ughdaráis. Tá na fir órduighthe thar lear chun cogaidh: curtha lé húghdarás an lucht ceannais. Is gránda an bás do fuair sé, is dócha gurb é a bhí órduighthe dho: ceapuighthe, beartuighthe, geallta ó neamh. Níl sé órduighthe ceileabhradh in aon imirt: lamhálta: curtha in acht. Deirim leat go bhfuil sé ina shagart órduighthe: an tsacraimint fachta aige. Níl aonnidh órduighthe lé n-itheadh fós agam: fógartha chun a fhaghálta.

órduightheach: *a.* fógarthach, mursantach, ughdarásach, furáltach. Ná bí chómh hórduightheach air is beidh sé níos féicheamhanta: brostuightheach: fógarthach. Saoiste ró-órduightheach mhairfeadh sé ar bheith ag clipeadh na bhfear lé "oibrighidh amach annsan". Tá sé órduightheach ar gach Caitliocaidhe aifreann d'éisteacht gach Domhnach agus lá saoire fógartha: ceangailte ortha. Ná tabhair aon chainnt órduightheach dómh-sa mar ná tógfainn uait í: ughdarásach: tighearnamhail.

órduightheóir: *f.3.* duine a órduigheas, riarthóir. Dia órduightheóir na Cruinne: a chruthnuigh í agus a riaras í. Órduightheóir maith scoile é: coimeádann na daltaidhe is obair na scoile fé n-a smacht go maith. Sin é an t-órduightheóir annsan agat, ní mise is bun leis: an té a fhógair nó do bheir é do dhéanamh. Clog gan puinn maitheasa seadh anois é, tá an t-órduightheóir briste air: riaghalthóir.

orghnáiseach: *a.* déistineach, breóidhteach. An boladh orghnáiseach a bhí ón bhfeóil san aimsir the is í dulta ró-fhada gan salann: chómh dona san is go gcuirfeadh casadh it aigne. Is furaiste do choinncín orghnáiseach d'iompódh anáirde: ní deacair gráin do chur agat ar rud: coinncín mós cáiréiseach. Radharc orghnáiseach na corpáin go léir fén spéir gan adhlacadh: breóidhteach.

orghnás: *f.1.* déistin, breóidhteacht, casadh aigne. Cuireann an saghas cainnte gan bhun gan deallramh a bhíos agat orghnás orm, b'fhearr liom teicheadh céad míle uait ná bheith ag éisteacht leat: déistin. Mara bhfuil ádh mór leat chuirfeadh an biadh a bheidh againn, má leanann an cogadh dhe orghnás ort féachaint air gan bac lé n-a itheadh: casadh it aigne: fonn úirleacan. Is mór go léir an t-orghnás ar inghin dhuine bhoicht é ná híosfadh sí iasc: cáiréis. Chuirfeadh an biadh céadna gach aon lá orghnás ort: d'iompóchadh t'aigne ina choinnibh.

órnáid: *b.2.* aon rud a mháisigheas; maise, maisiughadh; rud maisighthe, gréagán. Órnáididhe, cuid mhaith, ar t'uaireadóir: gréas uirthi a bheireas breis scéimhe is taithnimh di. Cuid mhór órnáididhe bailighthe ar an bhfuinneóig: rudaidhe mar chuacha, cuirn, is dealbhanna déanta d'ór no d'airgead. Cainnteóir líomhtha mar é, tá sé lé rádh againn gur órnáid dár gceanntar é: duine gur creideamhaint don áit é. Maran tú an órnáid againn chun bheith ag bruic leat: ar an bhfuadar atá fút dar leat gur maise dhúinn thu, rud nách eadh. Níl aon chall lé hórnáidibh do chur ar an sean-chlár san: rudaidhe a thabharfadh breis crota is taithnimh air.

órnáideach: *a.* maisighthe, gréasuighthe; taithneamhuighthe. Slabhradh órnáideach tímcheall a seang-mhuiníl: maisighthe: rudaidhe tairngthe air a thugas sciamh thaithneamhach air. Smut de thigh chómh hórnáideach is gheóbhfá ar do shiubhaltaibh: maisighthe: gléasta go snasta. Tóg uaim maran órnáideach atá sé agat: sciamhach (searbhas): taithneamhach leis an súil. D'aithneóchainn an clúdach órnáideach a bhí ar an uaireadóir: maisighthe lé gréis. Peann órnáideach: go mbíonn deallramh sciamhach tugtha uirthi. Fuinneóga órnáideacha i ngach siopa i gcóir na Nodlag: cóiriughadh ortha chun breis scéimhe.

órnáideachas: *f.1.* maisiughadh, rud éigin chun maisighthe, cómhartha a dáiltear ar dhuine as fóghnamh a dhúthaighe nó a leithéid. Bronnadh an t-órnáideachas san go léir – ruibínidhe is buinn – atá ar a bhrollach as a ndearna sé i gcath: cómharthaidhthe deárscna. An t-órnáideachas a déintear ar thighthibh i gcóir féile na Nodlag: an maisiughadh is deisiughadh. Ní haon órnáideachas dom shúil í do bheith dubh id dhiaidh: maisiughadh ná breághthacht. Is mór go léir an t-órnáideachas ar na sráideannaibh gaiste do chur fés na tighthibh: scéimh thaithneamhach do thabhairt ortha.

órnáideacht: *b.3.* snas, maisiugadh, sciamhacht. Órnáideacht domhain eile ar an nglas, dealbhanna ainmhidhthe lé hór nighte air: maisiughadh. Cé chuir an órnáideacht ar an bpíp?: a dhein rud éigin léi chun maise do chur uirthe. Órnáideacht ar an siopa seadh earraidhe maithe do bheith ann: cuireann siad snas is cuma air: sciamhacht.

óró!: *intriath.* “Óró! is í ag sodar im deóidh”. “Óró sé do bheatha abhaile”. “Óró! druid liom í, druid liom í, iompuigh is corruigh í, óró druid liom í is bog liom í anall”. “Óró a sheanduine leat-sa ní gheobhad-sa” lé háthas nó lé meisneach do clositear é.

ortha: (**artha**) *b.4.* athchuirt phraoidheachta chun leighis do dhéanamh, easarlaidheacht, geas. Ar an iongtas cártaidhe atá ag gabháil chuige tá ortha aige chúcha: athchuirt dhraoidheachta ná fuil aige ach a rádh nuair bheid aige. Ortha na fola, na fiacaile, an choirighthe, an leónta etc.: cliath bhriathar lé canadh chun iad so do leigheas. Tá ortha chun éisc agat: bheadh iasc agat nuair ná beadh sé ag neach eile. Éinne gur féidir leis rud do dhéanamh a théigheas den a thuilleadh déarfí leis - tá ortha aige: easarlaidheacht: draoidheacht, nó, chuir duine éigin ortha dho: dhein duine éigin athchuirt dhoilbhe dho. Na cailínidhe go léir ag baint na sál dá chéile ina dhiaidh, tá ortha aige ní fuláir: draoidheacht is féidir leis do chur i bhfeidhm. Orthanna is cristínidhe ar fad í: úrnaighthe doilbhe agus mallachtaidhe chun díoghbhála phearsanta.

ós: *r.fh.* lastuas de, ar, roim...amach. Ós a bharr san agus uile budh mhaith leó é: dá aindeóin sin. Tá sé ós barr agat: go hiongtach ar fad. Ag gluaiseacht ós uisce bhí an long aoir nuair chonnac-sa í: dá dhruim, ós a chionn, lastanáirde de. Binn Ós Gaoith (cnoc in aice an Daingin) .i. an-árd. Ós nó fá uisce. Ós chionn dathad bliadhan go maith dho: breis mhór agus é. Bhí sé ós mo chionn sa bhfaill: níos uachtaraighe. Dá mbeinn ós a gcionn do bheadh breis dá gcuid béas aca mar chuirfinn smacht ortha: ina mbun: ag maoirseacht ortha. Ós a gcionn ar scoil do bhíodh sé i gcómhnaidhe i ngach rang: níos sia chun cinn. Agus ós a chionn san agus uile déarfad an méid seo leat: seachas an méid atá ráidhte agam. Ní déarfá an méid sin ós a chómhair amach, laistiar de is fearr leat: ina fhiadhnaise. An maireann se? maireann agus is é atá ós cionn a chos go láidir: go cumasach, sláinteamhail. Bháidh sé é féin ós cómhair a (dhá) shúl amach: connacthas do an chonntabhairt is b’é féin budh chionntach. Suidh ós mo choinn anonn (sall) go mbeidh radharc maith agam ort: ar m’aghaidh, tamall uaim. Labhair ós íseal liom ar eagla go gcloisfí thu: an-íseal. Muna labhrair ós árd ní chloisfidh sé thu mar tá alladhair air: i slighe go gcloisfidh sé go soiléir. Ná tagadh cainnt bun os cionn uait i láthair éinne: mí-cheart. Ná bí bun ós cionn: corr. Fuair sé gach aonnidh bun os cionn san oifig ar maidin i ndiaidh na ngadaidhthe. Is maith é riaghaltas maith ós chionn na tíre: ghá riaghalughadh. Shuidheas mar a rabhas os chionn mo chroidhe: in ionad chomhthromamhail. Táid os chionn a mbuille go maith sa bhfeirm sin: gustalach. “Táthaoi os chionn bhur mbuille, a fheara”, deirtear lé cuideachtain a bhíos ghá n-aoibhneas féin ar a dtoil. D’eirigheamair ós a gcionn sa ghaoith: chuadhamair ar thaobh na gaoithe hárd díobh. Táir ag éirghe ós mo chionn ar fad: ag imtheacht óm smacht. Bhí sé ag obair ós a chionn anáirde, fén síneáil: uaidh anáirde. Os a chionn a goirtigheadh é: ar an dtaobh thuas. Dia ós ár gcionn go léir: ina uachtarán orainn. “Cad is ainm duit?” – “tá m’ainm fém thóin is mo shloinne ós mo chionn” .i. Cathaoir Ó Cába! Tá sé ann os chionn seachtmhaine: breis agus seachtmhain. Fágadh dhá oidhche os chionn cláir é sar ar adhlacadh é: tórramh dhá oidhche air. Os chionn na teine ina bun: í mar mhuirearaighe air. Beart chómh suarach leis sin ní dhéanfadh sé choidhche, tá sé i bhfad ós a chionn: ró-ghaládta, ró-mheastamhail a leithéid do dhéanamh. Is fada ós aois pósta é; tá sé dathad: tharais go maith. Thóg obanntas an scéil os chionn talmhan an baile go léir: do baineadh preab mhór asta. Thóg an máighistir os chionn talmhan me lé clabhta baise treasna an leath-chinn: glan den dtalamh (úrlár).

An oiread san díot os chionn talmhan na bíodh mairg ort ná gur furaist tu do thabhairt fé ndeár in aon ghasra: aoirde mhaith ionat. Ní raibh ach a rádh go raibh an bád os chionn uisce: ar snámh go doimhin. “Adubhairt Pharó, beidh tu os chionn mo dhaoine” (Gen. XLI. 40): id cheap leó. “Agus annsan thug sé ar an té a mhaireas go mbeadh uachtaránacht aige os chionn na n-uasal ameasc an phobail” (Breith. V. 13): cómhacht ortha. Os chionn talmhan, agus is mór an focal é, níl do leithéid eile d’fhear lé haiteas: beó. Cuirim an méid seo tuarastail ós choinne do sclábhaidheachta: i ndíolaidheacht. Ní maith ná ní cóir atá ag éirghe liom, aon rud ach an ceann os chionn uisce: díreach an taos leis an oighean agam gach lá. Tá na gais díreach os chionn talmhan: éirghthe ar barra.

ósbairt: (**óspairt**) *b.2.* droch-úsáid, cinneamhaint; droich-theangmháil, máchail, droich-ionfairt, mí-sheól, gortughadh, toradh tionóisce. D’éirigh ósbairt dos na huibhibh insa phost gur briseadh a bhfurmhór: tionóisc: timpist. Ná tabhair aon ósbairt do nó tuitfidh sé as a chéile, tá scoilt cheana ann: droich-ionfairt. Má bhír ag ionfartaigh sa nadhbhóig agus í chómh baoth éireochaidh ósbairt di: mísheól: a béal do bhualadh fúithi. Níor fhág an ósbairt riamh é, lámh bhriste, cos leónta, méar thinn, rud éigin in aghaidh an lae: mí-sheól nó toradh mí-sheoil. Fuair an soitheach so ósbairt ó dhuine éigin tá sé ag leigeant uaidh: droch-úsáid: ionfairt nár oir do. “Maran tú fear na n-ósbairtidhe”, lé duine go mbíonn rud éigin ag tárlachtaint do go minic. Ach gan é do thabhairt ósbairt dá shláinte mairfidh sé i bhfad fós (is fada is ceann ar tír é): droch-úsáid.

ósbairteach: *a.* tugtha d’ósbairtidhibh, cinneamhnach, etc. A fhir bhoicht, nách ósbairteach a éirigh sé dhuit, gan choinne: cinneamhnach. Bheadh an chos níos ósbairtighe mara mbeadh a luaithe friotháladh í: níos goirtighthe. Obair árd ósbairteach seadh bheith ag gabháil de phúdar: conntabharthach.

ósbairteach: *f.1.* duine go n-éirigheann ósbairt nó mí-sheól do. Tar éis mhadhmadh B’l’Áth Cliath ón aer do bhí mór-chuid ósbairteach in ósbuideál: daoine goirtighthe. Ósbairteach olc seadh é: an-ghoirtighthe.

oscailt: *b.3.* (*-altha*) scaoileadh, scur, scoltadh (scoilt); leathadh, scaipeadh, nochtadh, foillsiughadh; (do) thosnughadh, do thionnscnadh; radharc d’fhagháil ar rud de dhruim eadráin. Ag cromadh chun a bhróg d’oscailt is ní fhéadfadh é ag an gcoimpléas a bhí aige: an iall do scaoileadh ionta. A ndóirse ar dearg-oscailt do gach geócach a gheóbhadh an bealach: ar leathadh. Bhíodar ar tí bóthar d’oscailt tríd an mbogach san: slighe chun gabhála thríd do dhéanamh ann. An dochtúir ag oscailt an othair: gearradh do dhéanamh ann lé lannsa chun slighe amach do thabhairt don ngar. Cluinn, coiréal, uaigh d’oscailt. An leabhar d’oscailt ar leathanach a céad: na billeóga do leathadh (scaradh) ó chéile ann. Tamall mór in uaigneas liom ag oscailt a croidhe ’sa hinntine dhom: ag nochtadh a smaointe is a haigne: a rún do thabhairt. An Dáil d’oscailt: céad dulta isteach do thabhairt don phoiblidheacht nó cromadh ar a himtheachta. Toisc gan eólas do bheith ag an gcaptaen san áit fuair sé duadh béal an chuain d’oscailt: radharc d’fhagháil air, mar chuirfeadh sé ceann tíre dhe. Do rith sí chun a mic is a géaga ar oscailt aice chun a bharrógtha: leathta (sínte) amach. Beidh mo ghéaga ar oscailt agam rómhat pé am a thiocfair: beidh fáilte gheal agam rómhat. Tá fúm siopa d’oscailt sa tsráid: do chur ar bun ann is tosnughadh ar dhíol. Dá mbeinn d’iarraidh eólais do bhaint as go dtí ambáireach ní

thabharfadh sé aon oscailt dom: ní dhéarfadh aon rud gurb fhéidir liom adughadh air ná tuairm do chaitheamh dá bhárr: éachtaint. In oscailt istigh i lár na coille dheineamair ár mboth anairte do chur ina seasamh: áit réidh ó chrannaibh nó achrann eile. Mo bhéal oiread agus d'oscailt ní leigfeadh eagla dhom aca: é do bhogadh chun labhartha. Oscailt ró-mhór ar an gcuan cuireann farraighe troma isteach tríd: béal. B'fhéidir go mbainfinn-se oscailt as na súilibh agat mara bhféachfá rómhat féin: go dtabharfá breis aire don áit go bhfuilir ag gabháil don rud atá dhá rádh nó dhá dhéanamh agat: go gcuirfinn iongadh do chroidhe ort. Fuaireadar soitheach ar an bhfarraige ná raibh aon oscailt air: poll nó slighe ann chun rud do chur ann nó do bhaint as. Tar éis an cheatha tháinig oscailt ar an spéir thiar: do scar na scamaill ó chéile. Níor fhill éinne riamh a thabharfadh oscailt dúinn ar dhiamhaireacht na háite thall: éachtaint nó eólas ar cad tá ag tárlachtaint ann. Saoghal dian, míllte go bhfuil béal do sparáin ar oscailt go haon lá: ag caitheamh gan aon lag. Me ar tí an scéil d'oscailt do, treasuigheadh orainn is b'éigean dom stad: tosnughadh ar a innsint is a mhíniughadh. Dá bhfaghainn aon oscailt ach ní bhfuaireas, an iomad ag cainnt in aonfheacht, déarfainn beagán a bhí ar m'aigne: cao: amus. An t-aon rud chun a chroidhe d'oscailt bheith ghá mholadh: fios a bhfuil istigh aige d'fhagháil uaidh. Cá bhfuil an oscailt ar an gcófra so?: an áit gur féidir teacht air chun teacht ar an luchtach atá ann.

oscalán: *f.1.* an fear is giorra don ngunail ag rámhaidheacht ar mhaide beirte.

Oscar: *f.1.* gaiscidheach, fear éachtach ar neart etc.; an fear budh thréine is budh láidre ar an bhFéinn. Neart Oscair ní chorróchadh é as an áit go bhfuil sé sáidhte isteach i scoilt carraige: an neart is treise. Seachain, ní fhéadfá bogadh do bhaint as, fág fé Oscar é: an fear lán-acfuinneach. Féach, cé déarfaidh hafsan le hOscar: an fear groidhe, cumasach, ná fuil a shamhail in ár measc. Oscar fir seadh é: éachtach le neart.

oscardha: *a. n-dh.* gaisceamhail, lán-chumasach. Cé chreidfeadh an obair oscardha atá déanta aige, is í iongadh na gile í: obair gur ghaibh acfuinn, neart agus buancas lé n-a déanamh. Na buillidhe oscardha a thug sé sin uaidh chloisfeá a bhfuaim tamall ó bhaile: go raibh fuinneamh is neart leó. Meisneach oscardha: ná clisfead. Na hionnsaidhthe oscardha atá ag an nGearmáin dhá dhéanamh ar neart chómhachtach na Rúise ina bhfuil na mílte fear ag tuiteam ar nós na gcuileann: léidmheacha.

oscardhacht: *b.3.* aicillidheacht, bríoghmhaireacht, luadar. Níor fhan aon oscardhacht im ghéagaibh ó bhí na dathacha ionam: luadar. Budh mhór an oscardhacht ghéag do na liathróididhe sin go léir d'ionnramháil chómh cliste: aicillidheacht nirt. Táim gan oscardhacht, Dia go deo linn, tar éis na breóidhtighe sin: bríoghmhaireacht: anam.

osclach: *f.1.* oscalán. Cuirtí ina osclach é toisc an nirt oscardha a bhí ann.

osclaim: (**oscluighim**) *b.a. 7 n-a.* scaoilim, réidhim, fuasclaim; déinim bealach chun slighe isteach nó amach; gearraim; leathaim, scaraim; tosnuighim obair etc.; gheibhim radharc ar rud de dhruim ruda eile. Níor oscail sé súil leis go maidean leis an oiread san codlata a bhí air: níor scar na duilleóga díobh aige: níor mhúscail sé. Oscail do chosa ó chéile go maith agus is seadh is talamhaidhe sheasóchair: druid (scar) ó chéile iad. Oscail

do shúil, féach cá bhfuilir ag gabháil (cad tá dhá dhéanamh agat etc.): aire dhon obair atá ar siubhal agat. Go n-oscluighidh Dia geataidhe na bhflaitheas dár n-anamachaibh an lá déidheannach: go scaoilidh iad. "Nár osclair (oscluighir) do shúile choidhche" deirtear lé duine a ghníos rud trí gan bheith aireach, breithnightheach. Sin é an poll snámha a osclóchadh do shúile dhuit: gur mbáidhfí duine neamh-aireach go tapaidh ann. Sí an fharraige a osclóchadh do shúile dhuit: a dhéanfadh do dhíoghbháil nó a chuirfeadh scannradh ort gan choinne. An chathair an áit a osclóchaidh a shúile dho-san mara n-athruigheann a phort: a thabharfaidh a mheabhair do: a chuirfidh iachall air aire do thabhairt do féin. Ar bhreacadh an lae seadh d'oscail an cath: tosnuigheadh air. Ar an tríomhadh bórd d'oscail an long seóil béal an chuain: tháinig ina radharc. Is baoghalach liom gur oscail sé a sheólta ró-leathan nuair chuir an siopa muirearach san ar bun: go ndeachaidh sé thar a ghustal. Buail agus osclófar duit: iarr agus gheobhair. Oscluigheadh an chúirt ar an lá san: tosnuigheadh ar an ngnóth do dhéanamh. An fhírinne ar fad gheóbhair uaim, osclóchad mo chroidhe dhuit: an rud atá ar maoith agam inneósad duit é. Oscail na pócaidhe: caith airgead. An té is mó a osclas a bhéal is é is lugha a osclas a sparán: an té is mó cainnt is é is lugha a chaitheann. Ná bíodh sé den ndiabhal ort go n-osclóchair do bhéal air: go labharfair oiread is focal. "Osclóchad mo bhéal i gcosamhlacht, nochtfaidh me labhartha dorcha ón sean-aimsir" (Sailm LXXVIII. 2): labharfad. "Oscail do bhéal ar son an duine bhailbh i gcúis an uile dhuine do cinneadh chun aidhmhillte" (Seanráidhte XXXI. 8): labhair. Níor dhún Dia beárna riamh ná go n-osclóchadh beárna eile: má chruadhann an saoghal ar chuma orainn bhógfadh Dia ar shlighe eile é. D'oscail na spéartha: chrom sé ar bháistigh go huathbhásach. Osclann mo chroidhe nuair chidhim mo bhaile dúthchais: níl teóra leis an áthas do thagann air. Nára dúntar ort ach mar a hoscalfar ort: go bhfuascaluightear as gach cruadhtan thu. Dá n-oscluigheadh sé a chluasa b'fhéidir go gcloisfeadh rudaidhe a raghadh chun a thairbhe: dá n-éistigheadh sé níos airighe. "Agus d'oscladar na tuambaidhe; agus d'éirigheadar mórán corp ndaoine naomhtha a bhí ina gcodladh" (Matha XXVII. 52): d'imthigh na leacacha dá mbéal gur b'fhéidir teacht amach asta. "Cé oscail an imirt seo?" – "mise, is me a imir an chéad chárta": a thosnuigh.

oscailte: (**oscluigthe**) *a.r.* gan bheith dúnta nó iadhta; ar leathadh; leathta no scartha amach, scaoilte; gan chosaint; díreach, gan chúntas. Tigh oscailte aca dos gach éinne a gheóbhadh an treó: fial, fáilteamhail. Bead chómh hoscailte leat agus is féidir liom, agus inneósad duit cad tá ar m'aigne: béal-fhírinneach. Bíonn a bhéal oscailte ag an bhfear san i gcómhnaidhe: ní hiontaoibh é rún do choimeád. Ní raibh ach an obair oscailte nuair cuadhthas ar stailc: tosnuighthe. Nuair bhí an scéal oscailte dhom, bhí breis mheisnigh orm labhairt: gnóth na hócáide curtha fé sheól. Soitheach ná raibh oscailte do goideadh: poll ná taighde déanta air. Díreach is na hoileáin oscailte againn de dhruim an cheanna leig na máirnéalaigh gáir áthais: nochtuighthe: iad tagtha i radharc. A shúile is a chluasa oscailte aige ag brath ar cad a thárlóchadh: é ar a ghéir-dhícheall ar aire. Bóthar nuadh-oscailte treasna an mháma: a síneadh amach is a deineadh lé déidheannaighe. Geataidhe oscailte, an iongadh foghail do dhéanamh: beárnacha folamha: geataidhe gan bheith i dtreó cosanta. A bhrollach oscailte ag tarrac gaoithe: leis: gan aon chlúdach. Léine bhrollaigh-oscailte: gan aon bhrollach innte. "Agus ar dteacht agus ar chruinniughadh na heaglaise i gceann a chéile dhóibh d'fhoillsigheadar méid na nidhthe do rinne Dia tríotha agus gur oscail Sé doras an chreidimh dos na cineadhachaibh" (Gníomhartha XIV. 27):

gur thionnscain an tslighe. Dúthaigh bhreágh oscailte as san siar í, chidhfeá faid do radhairc uait: gan cnuic ná aon rud ag baint a radhairc díot. Ní raibh margadh an éisc oscailte an tráth san: ní raibh ceannach ná díol ar siubhal ann. "Is oscailte fáilteach an áit sin Éire etc.": fial, fairsing, gan aon doicheall.

osna: *b.4.* tarrac trom doimhin anáile isteach sa scartaibh agus a leigeant amach airís go mall, ar an gcuma so cómhartha bróin tuirse nó fuascalta ó dhuadh; cnead. Ní maith an cómhartha air osna do chur as nuair hiarradh an aisce air: cnead mío-shásaimh. Leig sé osna nuair thuit sé: cnead ghoirtighthe. Is iomdha osna bainte agat asam riamh: buaidhreamh trom tríd ghoilleamhaint orm. M'osna croidhe é!: mo bhrón géar é. An gcloiseann tu na hosnaidhe bréige atá air? Budh dhóigh leat gurb amhlaidh a bhí an obair ag goilleamhaint: é ag tarrac a anáile go duaibhseamhail mar dhuine go mbeadh duadh air. "Tigeadh a n-éigceart uile dot láthair, agus déin leó mar do rinne tu liom-sa ar son m'éigcirt uile; óir is iomadamhail m'osnaidhe agus lag mo chroidhe" (Triabhain I. 22): cneadach throm lé duabhais bróin. Gach aon osna aige i gcoinnibh an staighre anáirde leis an ualach a bhí air: cnead duaidh. Leig sé osna shásta nuair chuaidh sé treasna saor: thairng a anál go fada, trom. Is truime a osna 'ná a bhuille: an duabhais anáile atá air is ag leigeant air atá.

osnadhach: *a.* brónach, duaibhseach, cneadach. Ní gábhadh dhuit bheith chómh hosnadhach, ní leis an méid duaidh atá ort é: gearánach. Is aice a bheidh an croidhe osnadhach ó bhás a fir: brónach: síor-chneadach.

osnaighil: *b.3.* (*-gheala*) cneadach, duabhais anála. Ghaibh an lógóireacht lastuas di go dtáinig sé chun osnaigheala dhi: cneadach ná féadfadh sí stad di. Tháinig osnaighil ghuil ar an leanbh toisc a bhréagáin do bhaint de: cneadach is gol.

osnuighim: *b. n-a.* tairngim m'anál go trom. Bhí mo chroidhe im bhéal nuair chonnac sa draip é, agus is me d'osnuigh nuair chonnac saor é: a thairng m'anál lé sástacht. "Caoidheann an fíon nuadh, do laguigheadh an fhíneamhain agus osnuighid na croidhthe súgacha uile" (Iasaih XXIV. 7): bíd brónach, cneadach.

ósbuidéal: *f.1.* áit ina dtugtar aire leighis agus friothálamh do dhaoinibh breóidhte nó tinne; otharlann. Lé tigh go mbeadh furmhór an líon tighe buailte lé breóidhtigh deirtear "tá sé ina ósbuidéal".

ósta: (**ósda**) *f.4.* cóir bídh, dighe is leapachais; tigh aoidheachta do lucht taistil; lóistín; iostas. B'anacair an oidhche aca í ná faghaidís ósta fé iadhadh an bhaile gurbh éigean dóibh codailt fén spéir: lóistín. Tighthe ósta .i. ina mbíonn biadh, deoch is leapachas lé fagháil: tigh tábhairne. "Agus an uair d'oscail fear aca a shac do thabhairt prontáin dá asal sa tigh ósta, do chonnaic sé a chuid airgid, óir, féach, do bhí sé i mbéal a shaic" (Gen. XLII. 27). "Agus do shaoghaluigh sí mac, a céad dhuine clainne, agus do chuir sí falaing ina thímcheall agus do chuir sí ina luighe i mainnséar é; de bhrigh ná raibh áit aca sa tigh ósta" (Lucás II. 7). "Agus ar dhruideamhaint leis do cheangail sé a chneádha ag dortadh ola agus fíona ionta, agus ar n-a chur ar a ainmhidhe féin do, rug sé leis go tigh

ósta é, agus do ghaibh sé cúram ina thímcheall" (Lúcás X. 34): tigh iostais d'ainmhidhe is do dhuine. Fear (tighe) an ósta: an sealbhthóir.

ósta: *b.4.* bean dhíomhaoin, liosta, shuainseánach. Ósta í sin nár chuir snáithín riamh i gcródh snáthaide ná cliath ar stoca ach ag bothántaidheacht: scraiste díomhaoin a bhíos ó thigh go tigh ag breith scéal léi. Ósta nár ghrádhas: bean neamh-thaithneamhach.

óstaidheacht: (**ósdaidheacht**) *b.3.* lóistín, aoidheacht, coinneamh. Óstaidheacht ró-dhaor ann: biadh, deoch, leabaidh is friothálamh. Gheóbhair óstaidheacht is fáilte sa tigh seo, dá neamh-thaidhbhsighe é, is mairg a bhíos fé dhrúcht na hoidhche: lóistín: a bheith istigh. Óstaidheacht na hoidhche. Budh cheart gur bh'eól dom cad é an saghas mná tighe má b'eól d'aon bhuachaill bán is gur ar óstaidheacht atáim ó rugadh me: i dtighthibh iasachta ar lóistín.

óstas: *f.1.* aoidheacht; coimeád tighe ósta. Cé hé atá ag déanamh óstais sa bhathalach tighe seo? tá gearán agam ar an leapachas: ina bhun. Deirtear go bhfuil óstas ann chómh maith is tá sa Mhumhain is ní beag san: coinneamh is friothálamh.

óstóir: *f.3.* fear tighe ósta. Óstóir galánta; ban-óstóir sprionnlaithe.

óstóireacht: *b.3.* coimeád is bainistighe tighe ósta.

oth: (**soith, saith**) Deirid gurb oth leo é do dhéanamh ach go gcaithfid: go bhfuil aithreachas ortha. Ní hoth liom a dtraochadh: aon mhairg ní chuireann orm. Is oth leis gach éinne a chualaidh é: is brón leó. Dá mhéid cúis a bhí agam air b'oth liom olc do bheith orm leis, agus bhí árd-aithreachas orm: budh thruagh liom.

othar: *f.1.* duine breóidhte, leice, leóchaileach; an gar buidhe a thagas as chneadh. "Is fuath liom bean dheas ag othar": duine éigleidhe: duine go mbíonn gearán do shíor air. Budh chóir cur i ndiaidh na cneádha san, tá sí ag déanamh othair: braon buidhe, lobhtha innte. Tiocfaidh an scéal so chun othair fós: tiocfaidh droich-nidh as: tá sé ag boirbiughadh chun olcais. Déanfaidh an lámh san othar: lobhfaidh an fheóil agus tiocfaidh dath buidhe uirthi go mbeidh sí ina gar. Leig don othar bocht san, tá a dhóthain cúraim air maireachtaint is fanacht uaidh: duine leice.

otharlann: *b.2.* ósbuidéal. In otharlann budh cheart duit do bheith in ionad bheith ag casadh lé hobair: in ósbuidéal: in áit go dtabharfí aire dod ghearán nó dod cheasnaidhe.

othar-luighe: *f.4.* breóidhteacht; luigheachán. Furmhór a shaoghail ar othar-luighe dho, gan gabháil amach as an dtigh: luighte ar a leabaidh. Ghaibh sé trí othar-luighe chúig mbliadhan: luigheachán: breóidhteacht.

otrach: *f.1.* bualtach, salachar, aoileach, múnlach. Otrach bó, capaill, etc.: bualtach. "Gail na con ar a hotrach féin atá agat": go teann cois baile mar a bhfuil do lucht leanamhna id ghaor agat. Ní bhlaisfinn é ach oiread is dhéanfainn otrach: tá déistin is casadh im aigne agam roimis. A leithéid d'otrach chainnte is nár chuala ins na cúl-shráideannaibh is

measa dar theangbhaidh orm: cainnt dhraosta. Ní lugha orm otrach madra 'ná thu: úirleacan: tá déistin agam duit. "Acht feóil an daimh agus a sheithe agus a otrach loiscfidh tú le teine taobh amuigh den bhfoslongphort; is íodhbhairt pheacaidh í" (Eacs. XXIX. 14): a shalachar. "...chor go n-íosfaidís a n-otrach féin agus go n-íbhidís a mún féin maille libh se" (Iasaih XXXVI. 12): cac.

otrachamhail: *a.* salach, bréan, murcach, brocach. An boladh otrachamhail a bhí ón bhfeóil ní fhéadfá dul ina goire aige: lobhtha, bréan. Tigh salach otrachamhail: boladh bréan is salachair ar gach rud ann.

otracht: *b.3.* salachar is bréantas. An otracht a bhíodh tímcheall na dtighthe cómhnaidhthe ges na daoinibh bochta, bhíodh boladh uaidh: aoileach is múnlach: salachar is boladh bréan uaidh: bréantas.

otrann: *b.2.* clós. Is dána gach madra ina otrainn féin: ar a charn aoiligh féin: i gclós tighe a mháighistir: i mbéal a dhorais.

otras: *f.1.* salachar. Ithte leis an otras gan a chuid éadaigh cnis do nighe leis na ciantaibh. Glan an t-otras díot féin: an salachar gránda.

othras: *f.1.* luigheachán, ceasnaidhe, galar, aicíd, gonadh, othar, siat, gar. Othras uaire ná raibh ort: luigheachán. Othras éigin laistigh aige gur cuireadh fé sciain é: ceasnaidhe cuirp. Thabharfadh an droich-bhiadh othras duit gan mhoill: galar (cléibhe). Fós ní bhfuairtheas leigheas don othras a thagann ar na madraidhibh: galar ainteasaidhe go n-imthighid dá dtreóir ag ullfartaigh is cubhrán leó. Déanfaidh an ceal de dheascaibh an chogaidh othras i móran tír: suathadh is mío-shásamh is buadhairt ameasc daoine.

othrasach: *a.* breóidhte, galarach, aicídeach. Neamh-aire do fuair an chos, de bhrigh nách féidir leis cor do bhaint aiste, tá sí othrasach: galar dulta ceangailte innte. Fágfaidh an cogadh so daoine othrasacha. Ní tháinig borradh ná fás fé, é othrasach ó saoghaluigheadh é: leice, éiglidhe. Othrasach aindeis ná féadfadh faic do thuilleamh do féin, a chaitheann furmhór a shaoghail ar a leabaidh: duine aicídeach.

othrasacht: *b.3.* sláinte lag, olc; mí-lítheacht. An othrasacht ag gabháil riamh do, ní hiongadh gan neart do bheith ann: an droch-shláinte. An othrasacht atá ina chneas chuirfeadh sé eagla ort ina thaobh: an dath báidhteach, bán, mílítheach: cuma dhearóil sláinte.

P

pábhaile: *f.4.* sraith leac nó bloc cloiche nó adhmaid curtha go dlúth lé n-a chéile ar uachtar na talmhan; an casán díobh so lé hais tighe (tighthe) ar thaobh sráide; tóchar, cabhsa. Ghaibh sé an pábhaile anuas cois an tighe. Ná seasaimh ar mo phábhaile: ná tair in aon ghaobhar dom thigh. Is iomdha fear maith a chuaidh go Mearaice gur shaoil gur ór na pábhailidhe ann!: saidhbhreas i ngach áit ar gach cor. Deineadh pábhaile treasna an phortaigh de chraoibh is de luachair go sroichfeadh na hainmhidhthe an mhóin air: tóchar: casán.

paca: *f.4.* mála, beart oireamhnach lé hiomchar ar an ndruim; corna; líon ainmhidhthe, éan, etc. a bhailigheas i bhfochair a chéile; tuscar iomlán (cártaidhe); áirighthe dhaoine in aon champlacht ar inntin droich-bheart. Is iad lucht an airgid an paca bitheamhnach is mó sa domhan: gasra. Paca breágh bleaigeárd seadh iad ná fágann ubhall agam gan sciobadh: díorma: scata. Fágaidh mo thigh a phaca!: dream atá ag déanamh cros. Níl an paca iomlán annso, tá trí cinn ar iarraidh: an líon ceart cártaidhe. Cuirfear do lámh (do chuid cártaidhe) i bpaca mara stadair de chainnt: cuirfear as an imirt thu. Nách iad an paca iad atá oireamhnach dá chéile: scata a dhéanfad rudaidhe aite. Beó bocht dealbh anois níl faic agam ach an paca (do bhualadh thiar orm): imtheacht ag lorg mo dhéirce. Dá gcuirfeá do cheann i bpaca bheadh suaimhneas againn: i mála: éist! Cuir paca ar do ghuailnibh ón mbáistigh: mála mór, garbh. Paca cadáis: corna. Paca prátaidhe, olna etc. Paca gadhar: scata aca chun fiadhaigh, conairt. An chéad chioth báistighe a bhéarfaidh ar do chulaith beidh sí ar nós an phaca: leachta toisc gan a bheith fighte go dlúth. Cuma dhuit ach bheith ag cur gach aonnidh sa phaca: ag bailiughadh gach aon ruda chughat is féidir leat. An paca mór leabhar a bhí thiar air connus is féidir leis gabháil tríotha go léir: beart leabhar. Gheóbhadh sé cártaidhe an phaca: rathamhail i dtaobh cártaidhe.

pacadh: *f.* (*-ctha*) palcadh, ualughadh, dingeadh, fóirlíonadh. Ag pacadh a phócaidhe lé brioscaidhibh a bhí sé nuair a rugadh air: ghá ndingeadh: ghá bpalcadh: ghá mbrughadh isteach ionta. Ag pacadh éisc sa bharaille: ag cur an oiread ann agus is féidir lé luighe ortha agus dingeadh. Ag pacadh na gcártaidhe: ghá suathadh roim a roinnt nó a scughadh. Ag pacadh a bhuilg lé gach saghas trufaise bídh: ghá líonadh chomh mór is fhéadfadh. Cad dob áil leis na himirtheóiridhibh go léir ag pacadh i dteannta a chéile?: ag bailiughadh in aon díorma dlúth amháin. Bead ag pacadh anois, d'fhonn is ná beadh orm bheith ag luathughadh ar maidin: ag cur mo chuid éadaigh is mo mhaingisínidhe lé chéile i gcóir aistir. An boscadh do phacadh lé sean-bhranngóididhibh dos na bochtaibh. Ag pacadh (pacáil, pocáil) phrátaidhe: ag dúnadh scoilte na rainne mar a mbítear tar éis an scioltáin do chur i dtalamh sáidhte.

pachaille: *f.4.* at fé órdóig na coise. Ag tuiteam ar bhior a chinn nách mór aige pachaillidhe: gan bheith ábalta ar shiubhal i gceart.

pacaim: (**pacálaim**) *b.a.* cuirim i mála (paca). Dingim, cuirim lé chéile in áit connluighthe mar baraille nó mála etc.; suathaim cártaidhe; clúduighim puill; palcaim. Phacáladar an t-iasc i mbaraillidhibh lé cur thar lear: palcadh: cuireadh agus teanntuigheadh i bhfochair a chéile an áirighthe sin. Pacáil na prátaidhe sara dtagaidh an

sioc ortha: dún na scoilteacha inar cuireadh an síol (scioltáin). Pacáil! is cuir díot: cuir do chuid maingisínidhe lé chéile is fág! Pacáil na huibhe i slighe is ná brisfear aon cheann aca: cuir rud éigin tímcheall ortha eatartha a choimeádfaidh ó bhriseadh iad. Pacáladh isteach sa charbad sinn, gan slighe corruighthe againn: teanntuigheadh ar a chéile mór-chuid againn i slighe chumhang.

pacaire: *f.4.* fear iomchair paca, mangaire bóthair. Ag imtheacht ina phacaire ó thigh go tigh .i. paca thiar air ina mbíonn gréithre beaga lé díol aige. Fág mo radharc a phacaire: duine daibhceach, coimhtheach, neamh-fháilteamhail. Pacairidhe a chuireadh an gual anáirde ó chiumhais an uisce go dtín teach solais sar ar cuireadh na crocha ann: lucht iomchair i bpacaidhibh.

pacaireacht: *b.3.* mangaireacht ó thigh tigh, cleitireacht; d'iomchar ar dhruim i bpaca; díomhaointeas. Ag pacaireacht mhóna ón bportach: ghá hiomchar i bpaca. Ar phacaireacht a mhair an t-aindeiseóir ar feadh a shaoghail: ag taisteal tímcheall lé paca is gréithre lé díol ann. Táir imthighthe le pacaireacht ar fad lé déidheannaighe, ní dheinir rian: díomhaointeas is fánaidheacht. Is mór go léir an phacaireacht duit bheith d'iarraidh na bpingnidhe beaga san do mhealladh ón leanbh: cleithireacht: gliocas suarach.

pacálta: *a.r.* palcuighte; dingthe; brúighte, teanntuighthe ar a chéile; socruighthe go gasta mar uibhe d'fhonn ná brisfí iad. Bheadh an tigh pacálta dá leigtí isteach an méid gur theastuigh uatha: lán ó chúil frigh. Iasc (uibhe) pacálta: curtha lé chéile go dlúth gasta mar bheadh i mbosca nó i mbaraille i gcóir iomchair. Sin iad na cártaidhe pacálta, scúigh amach iad: suaidhte: curtha lé céile. Caithfidh cuid againn fágaint táimid ró-phacálta ar a chéile annso: ró-theanntuighthe. A phócaidhe pacálta lé hairgead: fóirlíonta. An bóthar pacálta lé daoinibh: mór-chuid díobh air.

pádh: *f.1.* cúiteamh, tuarastal, díol, íocaidheacht as adhmannas, fóghnamh tughta, nó fóghnamh. Ar a phádh lae atá sé ann agus ní in aimsir: ar an oiread sa ló: ag tuilleamh tuarastail lae. Ós rud é ná raibh cabhair agam féin don bhfóghmhar chuireas lucht páidh leis: sclábhaidhthe díolta dréir an lae. Deirtear lé míchéadfadh nuair bhíonn rud déanta ag duine ná faghann oiread agus buidheachas as, "nár thugaidh Dia luach mo pháidh dómh-sa nár bhac tharam é": nár chúitighidh Dia mo shaothar liom: fuaireas an rud a bhí tuillte agam. B'fhada mar phaiste orm, chidhfeadh Dia marbh ar dtúis me, bheith ag obair gan phádh gan phunnann dóibh: gan tuarastal, gan cúiteamh d'aon tsaghas: gan cion den rud go mbeadh duine ag saothar air. Scilling páidh níor thuilleas ambliadhna: aon obair ní dheárna. Tá pádh seasta dhom, fliuch is tirim, ní dréir an lae atáim: gheibhim an tsuim chéadna i gcómhnaidhe. Is é atá ag tuilleamh a pháidh má tá éinne beo: ag dian-obair.

págánach: *f.1.* duine a adhras déithe bréige; duine barbardha. An rud atá déanta aige ní dhéanfadh págánach é: duine gan chreideamh. Go haifreann ná in aon áit eile ní théigheann sé, an págánach: duine gur cuma leis i dtaobh a anama. Is mór aige, go deimhin, leabhar éithigh do thabhairt, an págánach: duine gan aon luid creidimh.

págánta: *a. n-dh.* ar chuma págáin. Nós págánta seadh teine chnámh Oidhche Bhealtaine: ráta é d'fhan againn ón ár sinsearaibh ná raibh an creideamh aca. Leig don gcreideamh ach go háirighthe, is ná bí chómh págánta: in aghaidh an chreidimh.

págántacht: *b.3.* ceal creidimh; dí-mheas creidimh; barbardhacht. Creideamh na págántachta atá aige ní ghéilleann sé d'aon rud go ngéillimíd-ne: adhradh iodhal nó dé bréige, nó gan san féin.

paidhce: *f.4.* (**paidhc**) áit theanntuighthe, ball nó áit go mbeadh ar dhuine gabháil tríd. Bhíodar roimis ar an bpaidhc is mharbhuigheadar é: an áit go raibh air gabháil. Bí roim na caoire ar an bpaidhc agus sáruigh iad: ar an mbearnain.

paidhceáil: *b.3.* cuardach; dornfhásc; meabhradh roim. Connus is féidir leat paidhceáil abhaile is é chómh dorcha: meabhradh: brath rómhat. Budh mhór go léir an phaidhceáil do an t-airgead san d'fhagháil is a ghliocacht a bhí sé foluighthe agam: cuardach: séirseáil. Bead ag paidhceáil liom (rómham) tríd an sín: ag déanamh mo dhíchill sáthadh ar aghaidh. Cad é an phaidhceáil atá annsan ort? nó cad atá uait?: cuardach: séirseáil. Lé paidhceáil cheart do ghnóthuigh sé an bheart san do féin: cuardach is lorgaireacht cónganta. Ag paidhceáil ameasc na gcarraigeach d'fhéachaint an bhfaghadh partán: ag cuardach go mion i ngach ball, poll is póirse. Tá sé an-dhall ar fad anois ach bíonn sé ag paidhceáil roimis: ag brath roimis mar bheadh duine sa doircheacht. Ag paidhceáil isteach tríd an sluagh dúinn fuaireamair árd-thuargaint: ag sáthadh. Is éachtach ar fad an fear paidhceála thu, ná fanfá as an gcófra san: séirseálaidhe: útamálaidhe.

paidhceálaidhe: *f.4.* duine go maith chun cuardaigh nó rud d'fhagháil amach, do shroichstint nó do ghnóthughadh. Paidhceálaidhe cait ná fágfadh faic fé iadhadh an tighe, ná faghadh sé is cuma cá gcuirfeá i bhfolach é: séirseálaidhe maith. Nách í an paidhceálaidhe bó í connus chuaidh sí ag déanamh foghla 'on ghort san is a chosanta is tá sé: a gheóbhadh oscailt in áit éigin. Paidhceálaidhe maith tuairisceóra páipéir é, dá mbeadh scéal fé chloich gheóbhadh sé é: loirgtheóir, cuarduightheóir géar: dícheallach. Ní haon droch-phaidhceálaidhe oibre in ao'chor é: bíonn sé ag gabháil di go cómhnaidhtheach. Paidhceálaidhthe maithe dóibh féin seadh na Sasanaigh, níl ball den ndomhan ná go bhfuil sealbhaintidhe aca ann: dream a bhíos do shíor i mbun a mbirte chun dul ar aghaidh.

paidhceálaim: *b.a.* ₇ *n-a.* cuarduighim, séirsighim, meabhruighim (sa doircheacht). Paidhceáil sé roimis riamh agus choidhche gur shroich sé an baile, líogarnach bháistighe is gála gaoithe ghá (léasadh): sháthaidh sé roimis in aghaidh constaicidhe. Connus fuair sé eólas go raibh a leithéid lé díol annso? Phaidhceálfadh sé amach ao'nidh: shroichfeadh lé síor-chuardach agus déine. Déarfainn-se leat stad ach ó tá a mhalairt uait, paidhceáil leat: lean de. Fan amach as san, ná paidhceáil ina measc, ní haon iontaoibh a gcuideachta: ná sáthaidh isteach eatartha. Paidhceáil isteach fén bport leis an gcleith sin, ní fhéadfadh gan breac do bheith fé: sáthaidh isteach is rop ins gach aon áit fé í. Ná paidhceáil do cheann sa scéal so in ao'chor, ní bhaineann sé leat: ná cuir ann é. Is maith do phaidhceálamair i gcoinnibh na gaoithe an lá úd fadó leis an seanbhád, ach go raibh an óige is an misneach againn: do sháthamair go righin láidir. Má tá sé idir mhuir is grian

paidhceálfaidh súd é, tá srón ar nós na con air: beidh ag lorg is ag cuardach go bhfaghaidh é.

Páidín: *f.4.* Pádraig beag nó óg. Páidín! sin a bhfuil ionat: suarachán. Fuaireas, fuaireas a lán, cuid Pháidín: an cuid is lugha. "Páidín Ó Dálaigh is an diabhal", ainm scéal mar an laoch Páidín. Féach Páidín!: aon duine, ainmhidhe nó rud suarach.

paidir: (**paidear**) *b.2.* $_{7}$ *5.* úrnaighe an Tighearna, úrnaighe, impidhe, athchairt, athchuinghe a deirtear os árd nó go mbíonn mian a chroidhe ós íseal léi. Lé linn conntabharthach nó ag bagairt, déarfí, "abair do phaidreacha, nó nuair budh mhian leat duine ná beadh deallramh ar a chuid cainnte do bheith ina thost. Duine oilte i slighe cham, ghlic, deirtear, "tá a phaidreacha go maith aige". "Paidir na Cré ní abhrann sí é, ach d'iarraidh na ngéadhann choimeád soir ón dtigh": gan eaga aice guidhe chun Dé ar a glúinibh ná ina croidhe. Ná déin paidir fhada dhe .i. táir ró-fhadálach. Nuair bhíonn duine ag síor-thagairt den rud céadna deirtear "ná déin paidir chapaill de". Lé duine ná ceapann a shuaimhneas nó a bhíos mí-bhéasach, deirtear, "b'fhéidir go múinfinn-se do phaidreacha dhuit": d'osclóchainn-se do shúile dhuit. Tá sé ina phaidir ameasc na ndaoine: i mbéal na ndaoine. Ní mór an géilleadh a thabharfainn dó-san – deir sé mórán ná fuil sa phaidir: aduigheann sé ar scéal: deir sé céad rud. Bhíos ar mo phaidreachaibh: ag athchuinghe ar mo ghlúinibh. Cuir paidir lém anam: guidh ar a shon. Is minic do chuirim paidir leat: guidhim do shonas im chroidhe istigh. Cuir uaim paidir na mbacach: deirtear lé lorgaire a ghníos sians de ghuidheachtaint phlámásaigh is é ag iarraidh ruda. "Is iomdha rud ná fuil sa phaidir": deirtear cuid mhór ná fuil ceart. Nuair bhí piléir ag gluaiseacht ar nós na raithinighe ar gach taobh de do bhí sé ag taidhbhreamh ar a phaidreachaibh: ag cuimhneamh ar iad do rádh lé scannradh. Duine ag eascainghe is gan fios cruinn aige gur mí-cheart do é, nó ag déanamh aonnidh ná beadh eólas aige air is go n-éireóchadh leis, deirtear, "ní fearra dho a phaidreacha aige": eolas cruinn do bheith aige. A phaidreacha go maith: taithighe nó eolas ar a ghnóth.

paidreóireacht: *b.3.* síor-athchuinghe, síor-úrnaighe, síor-éigheamh ar Dhia, etc., guidhe bhlomasach. Ná bí ag paidreóireacht ina thaobh, is eól dom cad tá uait cheana féin agus gach fáth go bhfuilir ghá lorg: impidhe fhada ag déircínteacht. Caitheann sí an lá ag paidreóireacht sa tsáipéal ar a son féin, na marbh is na gcríostaidhthe i gcoitchinne, ag athchairt ar Dhia, na naoimh, etc., ar a son leasa a n-anama. Tar éis na paidreóireachta go léir beireadh i bhfoghail air: duine lán d'éagcrábhadh: naomhtha lasmuigh urchóideach laistigh.

paidrín: *f.4.* mion-chlocha nó caogaidínidhe ar shreing go n-abarthar Aibhé Máire lé gach ceann aca sa Choróin Pháirtigh; rud beag cruinne gloine, adhmaid, etc. go bpoll ann lé cur ar shreing; an goile. Paidrínidhe prátaidhe: an-mhion. Tairng chughat do phaidrín: abair do phaidreacha. Deirid an Phaidrín Páirteach gach oidhche: an Choróin Mhuire. Aon tsuim ní chuirim ina olc san dom, is é an chloch is lugha liom ar mo phaidrín é: aon tagairt ní dhéanfainn do. Bhí sé ag ól is ag ól go raibh sé lán go poll an phaidrín: béal an ghoile. Tá paidrínidhe air: blúiridheacha beaga, cruinne: mion-phrátaidhe ceangailte den ngas: mion-ubhla etc. "Ní hé do phaidrín do bheadh agat", lé duine bheadh ag eascainghe.

pailm: *b.2.* crann nó craobh leis. Domhnach na Pailme, an Domhnach roim Dhomhnach Cásca ar a gcaithtear craobh crainn éigin eile (go mór-mhór saileach i dtíorthaibh fuara) do cheileabhradh an lae.

páipéar: *f.1.* gus a gheibhtear as ghlaodhann a deintear as adhmad, ghlasraidh, ceirteacha lín éadaigh, etc., agus é déanta ina sleamhancaibh tanaidhe, éadtroma. Cunntaisidhe an domhain aige siúd, fear mór páipéar é: léigheann sé mórán nuadhachta. Ní dheaghaidh sé riamh lé páipéar ná lé leabhar: ní bhfuair sé aon scolaidheacht. Dhóghaidh sé ar nós an pháipéir: gan mhoill. Lé duine a bhíos tar éis bháis, nó go gcuirtear an ruaig air as bheart nó obair, "fuair sé a pháipéar bóthair". Chonnaic súd scannradh, tháinig dath an pháipéir air: gheal sé lé heagla. Nách geall lé brógaibh páipéir iad san, níl aon choimeád uisce amach ionta: gan tairbhe. Leaghfaidh an leathar san ar nós an pháipéir: tuitfidh as a chéile cheal buancais. I leabhar ná i bpáipéar ní bhfuairis é sin: ceapadóireacht atá ann. Níor chuir sé peann ar pháipéar: níor thosnuigh sé ar scríobh. An páipéar as Frainncis: cliath cheisteann mar bheadh ar scrúdughadh. Ní fada uaidh a bheith réidh anois gheóbhaidh sé a pháipéir aon lá: teistiméireacht go bhfuil eólas a ealadhan aige. Léighfead páipéar ar thlacht-eolas sa choláiste: tráchtas. Páipéar nuadhachta, seachtmhaineamhail, laetheamhail, ruadh, siúicre, té etc. (chun a chongbháilt). Chosain san páipéar púint orm: bille. Chuireas isteach mo pháipéir: scríbhinne bunaidh a fhoillsigheas cé hé me, m'ughdarás, mo chéim, etc. nó thugas suas mo bheart. Cad deir na páipéir?: cad é an nuadhacht? Ná creid a leithéid, níl ann ach cainnt pháipéar: ráflaidhe: nuadhacht gan tacaidheacht. "Cad tá ar do pháipéar indiu?" - "tá sé bán": cad iad na scéalta nuadha atá agat? níl dada agam. Sid iad na páipéir atá leis an dtigh agam: scríbhinne go bhfuil cuir is coingheallacha tairngthe ionta. "Na giolcaigh pháipéir láimh leis na haibhnibh" etc.: an giolcach go ndéintí páipéar de. "Bíodh go raibh mórán de nidhthibh agam lé scríobhadh chughaibh, níor bh'áil liom scríobh lé páipéar is lé dubh; acht tá súil agam lé teacht chughaibh agus lé labhairt libh béal ar bhéal chun ár ngáirdeachais do bheith iomlán" (2. Eón. I. 12). É annsúd is an páipéar breac os a chómhair amach: scríobhnóireacht air. "Níl faic lé rádh agam, a bhreitheamhain ach gur beag é gnóth Shasanaigh go gcloigeann páipéir teacht ar aonach go Tiobraid Árann": soi-bhriste, tanaidhe. Páipéir an chleamhnais: coinghealla.

páirc: *b.2.* gort mór fairsing, leirg fhairsing talmhan fé theorainn; gort inbhir; log; ionad, etc. Páirc phrátaidhe, chruithneachta, theornapaidhe etc.: log mór fairsing talmhan. Is cuma liom, raghad ar an bpáirc (an chatha, an bhuailte). An rabhais ar an bpáirc (na ráis, na peile, an imeartha) indé?: an log nó an ródh atá i dtreis. Tá páirc mhargaidh is páirc aonaigh ann: log talmhan fálta ina gcóir. Chonnac páirc mhór éisc ar méirneáil (bairrghis): ráth iomadamhail a chuirfead páirc thalmhan i gcuimhne. Páirc ráis. Ar an bpáirc leat liom: isteach ins an ngorta is giorra dhúinn agus féachaimís ár neart. Fan id pháirc féin: ná bí ag cur isteach orm. An salachar ina pháirceannaibh ina chuid éadaigh: ina phaistidheachaibh móra. An Pháirc: leirg mhór thalmhan cois baile móir chun súgraidh is siubhlóide. Páirc an fhiadhaigh: a bhíodh coimeádta cosanta ina chóir. "Páirceanna" a tugtar ar thalmhaintidhibh árda (ar thaobh cnuic) fálta.

páircín: *b.4.* páirc bheag. Níl aige ach páircínidhe: guirt bheaga, sprionnlaithe.

páirisíneach: *f.1.* duine de threibh sheanda chreidimh ameasc na nGiúdach a thugadh fé ndeara go diair is go beacht gnása na dlighe agus tóirtéiseach dá réir ortha: éagcráibhtheach. Ar a bhéal atá an páirisíneach san carthannach níor thug sé oiread agus cianóg riamh do naoidhe déirce: ar a theangain ní ina chroidhe atá a mhaith. Ní dhéanfadh sé féin aonnidh choidhche as an slighe, nár chás do! ó, ambó, is é an páirisíneach é: an duine ionraic ar a bhéal féin. "A Pháirisínigh dhaill, ar dtúis an chuid istigh den chopán agus den mhéis do chum go mbeadh an taobh amuigh díobh glan mar an gcéadna" (Matha XXIII. 26). "Agus dubhairt an Tighearna (leis an bpáirisíneach) go deimhin do ghní sibh-se, a pháirisíneacha, an taobh amuigh den chopán is den mhéis glan; acht tá an taobh istigh díbh lán de shracaireacht is d'olc" (Lúcás XI. 39): daoine a cheileas an mhalluightheacht is an dí-chreideamh fé screamh na teangan. "Is anaoibhinn díbh-se, a scríobhaidhthe is a pháirisíneacha, a lucht an fhuar-chrabhaidh! óir íthtí fíge na mbaintreabhach agus sin fós ar scáth bheith go fada ag úrnaighe: ar a shon san gheabhtí an breitheamhantas is truime" (Matha XXIII. 14): lucht an béil-chrábhaidh.

páirisíneach: *a.* ar nós an pháirisínigh, eagcráibhtheach; fimíneach. Bréithre páirisíneacha aige, maitheas is carthannacht ar a bhéal, formad is leithleachas ina chroidhe: bréithre mealltacha.

pairithis: *b.2.* cailleamhaint cómhachta na móthála is an luadair; crioth-ghalar. An phairithis air leis na bliadhantaibh is é gan cor ar a leabaidh: cómhacht luadair is mothála imthighthe uaidh. Tá an phairithis mharbh orm agat: scannruighis chómh mór san me ná fuil luadhar géag ionam ná luadhail teanga nách mór. Tá sé i bpairithis an bháis, ní thiocfaidh chuige féin choidhche: a chnámha ag stangadh is a theanga ag crapadh ón mbás. An phairithis go dtagaidh ort maran ort atá an t-eagla: go ndéinidh stalca dhíot lé scannradh. Ná féadfá do lámha do choimeád socair, an phairithis fuactha atá ort?: creathadh leis.

pairithiseach: *a.* creathánach, gan luadar cnámh ná luadhail teangan. Ní fhéadfadh sé an cupán do choimeád leis féin, tá sé chómh pairithiseach san anois: creathán ina lámhaibh. Chaith na bliadhanta ar a leabaidh go pairithiseach: gan lúth, luadar gan chainnt.

páirt: *b.2.* cuid, roinnt, smut, mír; ceanntar; cion, muinnteardhas, báidh, cómhchumann; ceannairc, treis. Bíodh páirt agam den arán san uait: cuid de. Páirteanna den ndúthaigh atá go maith chun cruithneachta: roinnteanna dhi. Páirt dhíom ag dul leis .i. ó thaobh athar nó máthar tá gaol agam leis. Glac mo pháirt, tá an iomad aca chugham: taobhuigh liom. Thógfainn a pháirt dá mbeinn láithreach: dhéanfainn tacaidheacht leis. Is cuma liom-sa cad deir sé sin, nuair bhíonn braon caithte aige, tógaim i bpáirt mhaitheasa gach aonnidh: leis an subháilce sluagha. I bpáirt áirighthe den mbíobla deirtear é: roinnt. Bímís i bpáirt chun an phlúir: deinimís dhá chuid de. Is amhlaidh atá an talamh i bpáirt ges na dreatháchaibh, níl aithne a choda féin ag éinne: itheadh, curadóireacht is baint aca air mar is áil leó. Ní rabhas ach dhá uair riamh sa pháirt thuaidh d'Éirinn: taobh. Mo pháirt léi ní thréigfinn ar ór na cruinne: mo ghrádh dhi. As mo pháirt duit, dhéanfainn mór-chuid duit: meas ort. Fuair sé an pháirt bhreiseamhail den rud a bhí ar siubhal: an chuid budh mhó, budh thaithighighe. A mháirín mo chroidhe istigh, nár cheangail do pháirt liom: nár thug síor-ghean dom. Ceangal páirte idir Shasana nár mínigheadh i gceart fós: cómhar:

aondacht mhuinnteardha lé cor nó connradh chun cómhchabhartha do thabhairt. A chroidhe na páirte, druid láimh liom agus ólam sláinte: a dhian-ghrádh. A cháirde na páirte, anois an uain ag gach nduine a chion do dhéanamh ar son a dhúthaighe: a dhaoine ionmhaine. Mara mbeadh lucht do pháirte do bheith láithreach ní bheifeá chómh teann: do chúlaistínidhe. Beidh do lucht gaoil is páirte i láthair do bháis: do chuid fola is do cháirde. Éire i bpáirt Éire ar lár: Éire deighilte: in earrad: gan cómh-aontas. Tuicéad leath i bpáirt a bhí againn ar chrannchur na gcapall: a cómh-chuid ag gach nduine againn. Tá fáilte agus céad roim an gcuid eile ach i bpáirt tusa, b'fhearr linn uainn thu: chómh fada léd chuid-se den gcúrsa. Ní haon rud liom geannc bheag thobac do thabhairt do dhuine easbhaidheach uair má seach ach i bpáirt bheith ag síor-lorg orm, fógraim é: maidir lé, etc. tugadh sé a bhóthar air. Suidh i bpáirt linn is ith: in ár gcuibhreann. Chómh luath is chonnac an choimhtheacht liom ortha dubhart liom féin ná beinn ag brughadh páirte ortha: ag cur mo ghaoil no cómhgais in iúil d'fhonn fáilte do bheith romham. Labharfad focal id pháirt i gcómhnaidhe mar is fiú liom ort é: ar do shon. I bpáirt chómharsanacht tugaid laetheannta oibre dá chéile: trí shubháilce is cóir do bheith idir chómharsannaibh. Ag lorg páirte sa bhád: ionad, beart. Tá páirt den leabhar so ar iarraidh: cuid de. Dheinis-se do pháirt féin agus níl aon locht ort: cion: cuid: an méid go mbeadh súil leis. Budh dheacair dom aon rud cóir do dhéanamh is an oiread a bhí im choinnibh is gan neach im pháirt: chun cabhartha liom. Níl aon pháirt den domhan ná go bhfaghfá fear maith: ball, ionad, áit. Cad é an taobh go bhfuilir ina pháirt sa chogadh so?: báidheamhail leis.

páirteach: *a.* cómh-chodach, cómh-rannach, coitcheann, poiblidhe, leathach, combáidheach, cneasta, cineálta. An Paidrín Páirteach: an Choróin Mhuire. An Pháirc Pháirtigh: páirc go raibh cuid di ag áirighthe daoine. Naomhóg pháirteach idir thriúr againn: cómhchodach innte. Ar rud mhaith ní bheinn páirteach leat in aon rud: é bheith i seilbh na beirte againn. Bímís páirteach i gceannach na feirmeach: cómh-chodach: ceannuighimís eadrainn í. Ní bheinn páirteach leat sa méid sin mar ní dóigh liom go mbeadh sé ceart dul i gcoinnibh cómharsan: taobhach: tacuightheach. Bím páirteach ina gcorthaibh go maithidh Dia: déinim mo chion díobh. Cuirim mo shlán páirteach chun Seáin is Tomáis is Máire: an deigh-mhéin chéadna atá agam do gach duine aca. An rud a bhíos páirteach meathann sé: an rud ná bíonn comh-chur lé chéile ann teipeann. Tóg mo chómhairle is ná bí páirteach sa troid sin: ná bíodh aon bhaint agat léi. Bímís páirteach chun na dighe: ólaimís i gcuideachain a chéile í nó díoladh gach éinne roinnt airgid aiste. Raghaimíd cómh-pháirteach leath beartha, leath caillte is annsan ní bheidh leath-scéal ná gearán ag éinne: an oiread céadna den gcúrsa do bheith mar mhuirear ar gach éinne. Téighir páirteach faram san imirt: bí mar pháirtidhe agam.

páirteachas: *f.1.* cómhar, páirtidheacht, cómh-chumann; cómh-chodachas, cómh-rannacht; rann-pháirtidheacht. Páirteachas ar bith ní bheidh agam in bhur gcuid clampair, fógraim sibh: lámh ná ladhar – diúltuighim díbh. Geallaim dhuit gur díoladh maith as a pháirteachas é mar nách mór a dhein sé ná a fhonn air: an lámhaidheacht a bhí aige sa chúrsa i dtreis. Budh bheag é a pháirteachas i gcúis a dhúthaighe riamh: an méid duaidh do chuir sé air féin. Chidhfeá i bpáirteachas i gcómhnaidhe iad: i gcuideachtain is i gcuibhreann a chéile. An t-airgead i bpáirteachas sa bhannc againn: cead cómh-tharrac againn air. Mise is mo dhuine atá i bpáirteachas imeartha: is é atá ina cabharthóir agam agus mise aige. I bpáirteachas ithte, rinnce, beatha, etc.: duine de lánamhain i bhfochair

an duine eile. Dheighleamair páirteachas nuair chromamair ar bheith ag fealladh ar a chéile, is chuir gach éinne chuige (fé) dho féin: scaramair lé chéile as an ngnóth a bhí againn.

páirtidheacht: *b.3.* cómhar, muinnteardhas, cómh-chodachas; taobh. Páirtidheacht eatartha fé thóin agus iad ag cómhrac a chéile mar dheadh os chómhair na ndaoine: cómhar: dlúthas i bpé rud a bhí i dtreis aca, Chuadhamair i bpáirtidheacht leabhair do scríobh: i gcómhar: i gcabhair a chéile. I bpáirtidheacht chun an ghuirt: cóimh-chead chuige. Sasana agus Mearaice i bpáirtidheacht chun cogaidh: ag cabhradh lé chéile. Níor leath ruda liom dhó nó trí phúntaibh do thabhairt air, ach i bpáirtidheacht deich bpúint do bhádhfainn me féin ar dtúis: i dtaobh, maidir leis an suim sin. Ní raibh aon chao ag Tomás ar dhul isteach mar nár thaithnigh sé lé héinne, ach i bpáirtidheacht Sheáin de do scaoileadh isteach gan mhoill é, mar bhí gradam ges gach éinne dho: maidir leis. Ní thaithnigheann mo pháirtidheacht leat, b'fhearr leat bheith it aonar: mo chuideachta.

páirtighim: *b.a. 7 n-a.* deighlim, dealuighim, scaraim, roinnim. Is fadó riamh do pháirtigheas lém mhnaoi gan a feicsint riamh ó shoin: scaras léi. Pháirtigh an bheirt fhear bhuileamhla san nó déanfad sceanach: scar ó chéile iad. Ní pháirteóchainn ar rud mhaith leis, is féach, do goideadh uaim é: ní scaoilfinn uaim é. Pháirtigheadar mo chuid eatartha os mo choinne amach gan oiread is luid de do thabhairt dom: do roinneadar.

páis: *b.2.* iomard, bás, fulang, fulang Chríost ar an gcrois; an soiscéal air. Is mór go léir an pháis ort é is dócha: an t-iomard piantach, ag léigheamh na Páise. Bíonn gan sailm ná páis: aon tsaghas úrnaighe. Dar a páis diail (diabhail?) mhuise dá mbeinn-se ann ní bhéarfadh sé: deabhruighim go láidir é. Páis na Croise: fulang Chríost uirthi. Dar a páis diail (diabhail?) cad tá ar siubhal annso?: dar so súd. Lé hiongadh agus míchéadfadh a deirtear é. Tá páis na gcéadta sa té sin, tá sé chómh holc san: marbhadh.

páisighim: *b.a.* céasaim, ciapaim, cuirim duabhais ar. Pháisigh an lámh thinn sin i rith na seachtmhaine ar fad me; níor stad sí ach ghom phianadh: chéas me: chuir iomard orm. Do pháiseóchadh sé éinne do bheith ag éisteacht leis ag gearán ar feadh na hoidhche: chiapfadh é: chuirfeadh pionós air. Páisigheadh Críost ar an gcrois: cuireadh chun báis é.

páisighthe: *a.r.* céasta, cráidhte, ciapuighthe. Chuaidh nimh i gcneadh mo mhéire agus táim páisighthe aice: céasta: cráidhte, loiscighthe: fulang mór déanta agam.

paisiún: *f.1.* motháilt dhian, láidir; scleóndar dúthrachtach, árd-mhian; fionnach, báine. An oiread san paisiúin air chun mo sháidhte go raibh gach aon phioc de ar dearg-chreathadh: fionnach: buile. Leig do, ná habair aonnidh goirgeach leis, ní ró-dheacair paisiún do chur air: é do bhaint: fearg do mhúscailt ann. Imthigheadh an phaisiún díot, dá luighead gleóidh a dhéanfair seadh is mó héisteófar leat: fearg mhór.

paiste: *f.4.* blúire d'aon tsaghas mianaigh lé cur ar pholl nó ar stracadh chun a dheisighthe nó a líonta ar éadach nó balcais; púicín chun na súl do chosaint; leirg d'uachtar aon ruda lé feicsint go soiléir, deifreach leis an gcuid eile i ndath, i ndeallramh, etc.; leirg bheag thalmhan, planndaidhe etc. a fhásas ar a leithéid; cómhartha cille; giota,

blodh, blúire, mír; preabán. Chaith sé paiste mór den lá sínte siar 'sa bholg lé gréin: tamall. "Is fearr paiste ná poll": b'fhéidir gur cómhartha deabhais é ar éadach ach is mor gur fearr é ná gan é. B'fhada mar phaiste orm an t-éadach olc san do chaitheamh: ní thabharfainn lé rádh é: ní bheadh sé le casadh liom. Paiste talmhan annsúd aige chómh maith is tá sa chúigeadh: blúire: fagháltas. Dá mbeadh paiste ar do bhéal ní bheadh oiread cainnte agat: clúdach: cosc curtha leat. Paistidhe breághtha arbhair ar fuaid an pharóiste: leirgidhe, blúiridheacha móra. Cuir do chuid éadaigh dhá ghlanadh tá sé lan de phaistidheachaibh: baill shlacha. Paistidhe dhe atá go maith agus paistidhe go holc: roinnteanna. Talmhan lom i bpaistidheachaibh é: in áiteannaibh. Leagadh mise uair, leis, (sa) ar an bpaiste céadna: ar an bhfód gcéadna. D'árduigh an madra paiste mór den gcíste leis ina bhéal: blúire. Theastóchadh paiste ón mbróig sin go maith: blúire leathair d'fhuaghadh uirthe chun puill nó stracadh do chlúdach. Ní dhéanfá paiste dho súd le neart .i. in aon ghiorracht do. Gearradh bonn an ghluaisteáin ar phaiste cloch a bhí ar an mbóthar: ádhbhar cloch leathta i gceann a chéile. Paistidhe móra éisc ag ráthaidheacht leis an lá: páirceanna: oiread agus chlúdóchadh cuid mhór d'uachtar na farraige. Ní fheaca riamh paiste ná poll ann: éadach maith air. Ní maith an paiste gur thug mo chosa me (ann): an ball. Tá paiste, slán mo chómhartha, ar a leicne ó rugadh é: cómhartha cille: ball dobhráin: díothdhathadh.

páiste: *f.4.* leanbh, leanbhán, bábóg. Páistidhe scoile: leanbhaidhe beaga. Budh dhóigh leat gur pháiste me aige an tslighe a bhí sé ghom chómhairleach: leainbhín gan chiall. Is í an truagh í féin agus a dorn páistidhe agus an soláthraidhe caillte: leanbhaidhe óga ná raibh chun reatha ná i ndán cabhartha do dhéanamh. Is mór an comórtas duit go deimhin páiste bán bheith ag dul chun cinn leis: leanbh an-óg. An páiste dearg connus bheadh ciall aige: bunóc an-óg. "Ag gol is ag gáiridhe mar bhíonn na páistidhe": sin mar is gnáthach leó, ní lugha aca bheith mar seo 'ná mar siúd. Ní haon pháiste anois thu ná go mbeadh a fhios agat cad budh cheart duit do dhéanamh: leanbh an-óg ar fad.

páistidheacht: *b.3.* leanbaidheacht; ar nós an pháiste. Is mór an pháistidheacht duit, duine aosta, mar thu, dúil do bheith agat i mílseán: béas leinbh óig do bheith agat.

paistighim: *b.a.* deisighim, clúduighim lé paiste. Paistigh an bhróg san dom, tá sí stracuighthe ina lasca: cuir blúire leathair uirthi.

paisteáil: *b.3.* deisiughadh puill, stracadh, scoilt, etc. Ag paisteáil éadaigh: ag cur blúire ar áit go mbeadh poll ná stracadh. Ag paisteáil na sean-nadhbhóige: ag cur blúiridheacha anairte ar bhallaibh briste is ag cuimilt tharaidh fútha. Ní mor an mhaith paisteáil: bheith ag cur blúiridheacha anairde lé haghaidh ruda do choimeád i bhfochair a chéile. Ag paisteáil na luinge: ghá deisiughadh le haghaidh sealaid bhig.

paisteálaidhe: *f.4.* duine a chuireas paistidhe anáirde; útamálaidhe. Níl ionat ach paisteálaidhe ar ghualain an táilliúra so: útamálaidhe. Paisteálaidhe oibreóra seadh é, ní fheaca faic slachtmhar ó n-a láimh riamh: ablálaidhe: fútarálaidhe: lapadálaidhe.

paisteálaim: *b.a.* deisighim lé paistidhibh. Pé duine a phaisteáil an triubhas san ní mór go n-aithneófá an paiste do bheith curtha anáirde: d'fhuaigh é: a chlúdaigh an poll nó an

stracadh lé blúire adhbhair. Tá siad leath-laitighthe ach paisteálfad iad: tabharfad saghas éigin deisighthe ortha.

paisteálta: *a.r.* deisighthe, preabáin curtha anáirde. Triubhas maith paisteálta é sin anois, déanfaidh sé tamall thu: deisighthe. Bád paisteálta: bád go mbeadh blúiridheacha adhmaid curtha uirthi.

páistín: *f.4.* páiste nó leanbh beag, naoidheanán, cailín óg. Cad tá ag cur mo pháistín ag gol anois?: leainbhín go mbeadh taise agat do. An páistín bocht bheadh truagh agat do, ocrach gan stoca gan bróg: naoidheanán truaillighthe, aindeis.

pálás: *f.1.* teach ríoghdha, bruighean; árus easpuig; príomh-árus; rí-theaghlach. "Ó phálás an rí, go dtí cabán an lábánaigh is lugha": tigh taidhbhseach, uasal, breágh. Níor bh'fhearr liom bheith i bpálás ná bheith ann .i. táim lán-tsásta mar a bhfuilim. "Agus dod mhacaibh a thiocfas uait, a gheinfeas tusa bhéaraid sean leó agus beidh ina gcoillteánacha i bpálás righe na Bablóine" (2. Righthe XX. 18): rí-theaghlach.

pálásach: *a.* iomadamhail fé phálásaibh, taidhbhseach, mórtach. Tigh pálásach annsúd aige ar thaobh na leacan gurb aoibhinn a amharc: taidhbhseach.

palltánaidhe: *f.4.* patalóg bheathuighthe. Ó bheith ghá photbhiathadh tá sé ina phalltánaidhe: cothuighthe, beathuighthe.

palltóg: *b.2.* buille, teog, pléasc. Thug sé palltóg sa tsróin dom gur liocuigh ar nós bhonn mo bhróige í: buille cruinn díreach amach ón gcorp. Palltóg ar phalltóig aca ar a chéile: buillidhe tiuga, troma.

pantar: *f.1.* duine nó ainmhidhe tiugh, téagartha. Pantar fir; pantar ainmhidhe.

paor: *f.1.* ceal magaidh, áilt, díomas; caoraidheacht. Cad é an paor atá ag an bhfear san ort go bhfuil sé ag síor-fhéachaint ort: caoraidheacht: goth(adh) fiosaraidheachta. Táim im phaor ag an lá, gach aon rud dulta im choinnibh: curtha bun os cionn: amadán críochnuighthe déanta dhíom. Déanfaidh na rudaidhe beaga paor díot ó bheith ag gáiridhe fút: ceap magaidh. Táim im phaor ag an gceist seo, tá mo cheann ina roilleán aice: meascán ceart mearaidhe orm d'iarraidh a réidhteach. Cad é an paor atá agaibh ar an dtigh seo ná fágann sibh in ao'chor é: cad é an ceann atá tógtha agaibh de? B'é paor na páirce é ar an ndroich-shlighe d'imir sé: b'é ceap seóidh is magaidh é.

paorach: *f.1.* duine den sloinne. "Sé dubhairt an Paorach a bhí mar mhaor ar an luing go mb'fhearr leis aige féin í ná Éire gan roinn": fear de Mhuinntir Phaor. "Beidh lá eile ag an bPaorach" deirtear, a chur in iúil go bhfaghadh an té go gcuirtear díombáidh air nó go mbuaidhtear air cao eile.

pápa: *f.4.* ceann soi-fheicse na hEaglaise Caitliocaidhe. Ní chreidfinn an Pápa air: an rud atá ráidhte dá dtagadh ó bhéal an Phápa féin níorbh inchreidte é. "Dar leabhartha breaca an Phápa/ má chloisim a thuilleadh trácht air/ beidh rabharta buile i ndán dóibh is

rachfaid siad lé baois": bíoblaidhe. An oiread paidreach aice lé Pápa na Rómha: iomadamhlacht phaidreach. Ní fírinnighe ó bhéal an Phápa é: cúrsa gan aon amhras é. Ní íosfainn feóil Dé hAoine ach oiread leis an bPápa .i. níl aon bhaoghal go n-íosfadh seisean í. Is geall le Pápa ar an gceanntar é: tá sé an-thábhachtach. Bíonn Pápa mar leas-ainm ar dhaoinibh.

pápacht: *b.3.* beart an Phápa; a ré mar phápa. An oiread san clódhchais is deiliúis ann go dtabharfadh sé fén bpápacht.

pápaire: *f.4.* duine leanann ar an bpápacht; taca lé réimeas na pápachta; caitliocaidhe; focal táire. Éist, a phápaire, is ort atá an gheócaireacht. Cad tá annsan uait, a phápaire?: duine nár cheart puinn suime do chur ann. Pápairidhe na háite seo, cad é an meas atá ag lag-dhaoine uaisle an bhaile mhór ortha?: daoine beag-thábhachta. Nách é an pápaire beag is rud mar sin do dhéanamh: suarach, táir.

pápaireacht: *b.3.* suarachas, beartaidheacht sprionnlaithe; ceólán. Cad é an phápaireacht atá ort, ach má tá fonn margaidh ort, déin é nó éist: gleódháil ná faghadh duine thall ná abhfus. Cad é an phápaireacht atá ort ag cainnt ar ghnóthaidhibh ná feadraís aon rud mar gheall ortha?: ceólán an domhain. Thabharfadh sé a lá 'sa shaoghal ag pápaireacht leis gach éinne a bhuailfeadh leis: cainnt dhíomhaoin gan bhun gan barr léi.

parabal: *f.1.* scéilín aithrise go mbíonn teagasc spriodálta ann, fáthscéal, cosamhlacht. "Ar an adhbhar san éistidh le parabal an tsíoladóra" (Matha XIII. 18). "Chómhmhionca agus éisteas duine briathar na ríoghacht, agus nách dtuigeann sé é, tig an droich-spirid agus fuaduigheann an nidh a cuireadh ina chroidhe. Ag seo an duine úd in ar cuireadh an síol cois na slighe. (Matha XIII. 19).

párdún: *f.1.* leath-scéal, maitheamhnachas, maitheamh, gabháil "ag". "Tá do phárdún ón bpápa etc.": do shaoirse guidhte aige. Gabhaim do phárdún, do ghoirtigheas thu: iarraim gan milleán do bheith agat orm. Gabhaim párdún agat, bhíos as an slighe sa méid adubhart leat: iarraim ort gan é do leanamhaint suas orm. Ghaibh sé míle párdún i dtaobh bheith chómh mall: loirg sé a leath-scéal. Iarr párdún air is ní bheidh aon olc aige chughat: gaibh aige: iarr maitheamhnas. Dia go dtugaidh párdún im pheacaidhibh dom: go maithidh Sé dhom iad. Seacht mbliadhna i gcarcar do sara dtugadh a phárdún do: sar ar scaoileadh saor é. Tabhair a phárdún an turus so do: scaoil saor ó mhilleán é. Níl do phárdún agam: ní mhaithim duit.

párlús: *f.1.* seómra i gcóir fáiltighthe aoidheanna; seómra fé leith i dtigh ósta. Glaodhadh isteach 'on phárlús air-sean is fágadh mise im ghabhagaide ag an gconntabhairt .i. tugadh breis onóra dho. Ar an rinnce bhí sí ina peidhleacán párlúis: níor ghlaodhaidh neach chun greasa rinnce uirthi. Ina peidhleacán párlúis mar is gnáthach léi: gan faic dhá dhéanamh aice, mar shaghas órnáide tímcheall an tighe. Connus tá an peidhleacán párlúis?: duine leice go mbíonn rud éigin in aghaidh an lae air, samhalta nó saoghalta. Gabhaidh párdún ag an dtig réadhchúiseach so, tá taithighe agaibh-se ar phárlúistidhibh: seómraidhe breághtha greanta. Dá gcuirfeá isteach i bpárlús é ní bheadh sé sásta: pé iondramháil ar fheabhas do thabharfá dho ní bheadh sé sásta.

parráiste: (**parróiste**) *f.4.* líomatáiste eaglaise; ceann des na cranntaraibh ina roinntear conntae go mbíonn an áirighthe sin fearann-bhailte ann. Féach id thímcheall, an mar sin atá ag an bparráiste?: chidhfir nách é an gnóth leibideach atá ar siubhal agat-sa nó nách aon chlódh céadna atá ar na daoinibh id chómharsanacht atá agat ná ort. Agus na seacht bparráistidhe do thaisteal ní bhfaighfí fuairthé eile fir mar thu ionta: ceanntar fairsing do shiubhal. Cléireach an pharráiste: cléireach an tsagairt. Is mithid don sagart céadna parráiste d'fhagháil: líomatáiste fé n-a chúram spriodálta. Tá na parráistidheacha scriosta ges na siopaidhthibh chéadna: an ceanntar ar fad: na daoine i líomatáiste mhór, fhairsing. Níl faic aige anois ach dul ar an bparráiste: cóngamh beatha d'fhagháil ósna cómharsannaibh. Bíodh an parráiste ag magadh fút: na daoine ann. Beidh na parráistidheacha ar an bpáirc (ráis etc.) ambáireach: na sluaighte.

parráisteánach: (**parróisteánach**) *f.1.* duine den bparráiste.

parrthas: *f.1.* Gáirdín Adam is Éabha; an géilleadh don gCathughadh; áit aoibhinn; neamh; aiste sonais is iomláine. I nGáirdín Pharrthais do chathuigh an nathair Éabha glacadh den ubhall: an ait áluinn a cheap Dia dár gcéad mhuinntir. Bhíomair i bparrthas go dtí go dtáinighis, cuideachta mheidhreach shoilbhir shúgach againn go gcromair-se ar chlampar: ar aiste fíor-shásta. Dhéanfadh sé ifreann de Pharrthas an fear céadna: duine clamprach, achrannach. Ar é do chur go parrthas ní fhanfadh sé ann: an uile-rud a thaithneóchadh leis an súil agus leis an aigne do thabhairt do ní shásóchadh sé é. Tá parrthas agam ó fhágadar me: síothcháin is suaimhneas is soilbhreacht.

pas: *f.1.* (*iol.* -a, -anna) eaga aimsire nó achair; seal; greas; cead, slánaidheacht. Bíodh pas magaidh againn fé: babhta: seal. Chaith sé pas maith i Mearaice, ach sin a raibh dá bharr aige: seal fada gan a shaidhbhreas do dhéanamh. Tabhair pas dom-sa ag úrlaidheacht go bhfeicir mo ghníomh: seal, tamall. Pas maith coisidheachta rómhat anois, dathad éigin míle: gréas: turus. Thugamair pas ag ól, pas ag amhrán is pas ag rinnce: tamall, seal. Pas gearra do bhean ar an saoghal so, bainimís aoibhneas as: tamall beag. Ritheadh an rás ina phasannaibh: gasraidhe ag déanamh uanaidheachta ar a chéile. Ina phasannaibh oibrigheann sé: sealanna meara, teó is sosanna eatartha. Is mór an truagh go bhfuilir pas beag íseal, ní tógfar sa Gárdaidhe thu: beagán gearra don gcaighdeán aoirde. Thug an giúistís a phas do ar fhógra má thiocfadh os a chómhair airís ar aon ócáid beó gur thinn do: cead cos: saoirse. Tabhair mo phas dom dul ar an rás: cead. Níl aon áit ameasc na ndaoine ná go bhfuil a phas aige sin: cead dul is teacht is déanamh mar is mian leis. Bíonn sé amuigh moch déidheannach ar meisce is ar a chéill, ní fheadar cad a thugann a phas do: connus ná héirigheann aon rud do. Is fada atá Dia ag tabhairt a phais don mbitheamhnach: ag scaoileadh leis, ná héirigheann droich-idhe éigin do. Stadfad anois, tá pas maith déanta agam: roinnt mhaith in am áirighthe. Tá sé ag baile ar pas ón arm fé láthair: saoire ó dhualgas saighdiúra (máirnéalaigh nó oifigigh riaghaltais). Níor slánuigheadh mo phas go Mearaice fós, tá sé in oifig an chonsuil: níor tugadh an daingniughadh riachtanach dom chead taisil (fós). Ní chorróchainn pas uait: pioc: ní fhágfainn an tslighe. Níl sé ar meisce ach tá sé pas chuige: ag druideam leis. Tabhair pas ar an sean-dúid sin dom, táim gan aon ghal is gabhair orm: seal dá hól. Mara ndéinir de phas é beir ró-dhéidheannach, níl ann ach lá eile chun na n-iarratas do bheith istigh: de

phreib, de gheit. Bhéarfaidh céad marc pas ar an adhbhar léighinn seo: caighdeán eólais a shásuigheas scrúduightheóiridhe gan iad do thabhairt onóracha mar gheall air. Seo pas duit a bhéarfaidh in aon áit thu gur maith leat: úghdarás scríobhtha, clóidhte etc. Pas saor chun na bpeictiúiridhe: tuicéad go mbíonn an focal air.

pasáilt: *b.3.* brughadh fés na cosaibh mar féar, etc., do ghabháil de chosaibh i; cur fé chois. Ag pasáilt fhéir: ag déanamh coca dhe nó cruaiche ar n-a dhingeadh is n-a bhrughadh lé siubhal go trom air. An féar sábhálta a dhóthain chun cocaidhe pasálta do dhéanamh de: go mbítear istigh ionta ag dingeadh is ag brughadh an fhéir fé chois. An bhean a híochtar anáirde go glúinibh uirthi ag pasailt an éadaigh sa dramhlaigh: ag satailt air chun an tsalachair do bhrughadh amach as. Seirbheáladh iad lé bheith ag gabháil trís an ngort is bheith ghá phasáilt: ag brughadh an fhéir fé n-a gcéim. An amhlaidh gurb é do bheadh ar maoith agat me do phasáilt (féd chosaibh) ar fad: gabháil lastuas díom: bheith ag déanamh tíoránachais orm. Táinig an oiread san buile meisce air gur ghaibh sé ag pasáilt an tighe: ag imtheacht fiadhain is ag briseadh gach aon rud fé n-a chosaibh. Ag pasáilt an tighe (na ndaoine etc.): ag gabháil lastuas díobh mar budh thoil leis do chur cruadhtain ortha gan pioc dá slighe ná dá dtoil féin aca. Fuair ceathrar nó cúigear pasáilt ón gcapall nuair gheit sé as chúrsa an ráis: ghaibh sé dá chrúbaibh tríotha. An bhfuil an féar san chun (lé) pasálta: tirim go leór chun cocaidhe palcuighthe do dhéanamh de. Tá na Rúiseánaigh ag fagháil pasálta ón nGearmáin: ag gabháil tríotha is ghá marbhadh.

pasáiste: *b.4.* slighe, casán, caol cumhang; airgead taistil thar muir (nó ar thurus fada talmhan). Caithfear pasáiste do dhéanamh tríd an ngort san chun teacht ar an gcaladh, níl aon tslighe eile ann: casán. Pasáiste ghearra, tímcheall dhá mhíle, idir an dá oileán: bealach cumhang: súnda beag. Déin pasáiste dhom tríd na daoinibh go n-iomcharuighead an cailín atá i laige: slighe: oscailt. Ar an bpasáiste ó Áth Cliath go Corcaigh do choidrigheamair a céile: ar an slighe (i dtraen). Déin pasáiste don uisce amach as an bportach: sraoth, sileadh, etc. Sean-nós dob eadh é díol as phasáiste duine go Mearaice: táille an taistil. B'éigean do a phasáiste d'oibriughadh ar an luing, mar ná féadfadh díol aiste: a slighe.

pasálaim: *b.a.* gabhaim de chosaibh ann, dingim, brughaim, palcaim fém chosaibh. Phasáil na ba an mhóin: bhriseadar agus bhrughadar fé n-a gcosaibh iad. Ná pasáltar an féar san ar eagla a théidhte gan a thuilleadh sraithe do thabhairt do tá sé ró-ghlas: na cuirtear i gcocaidhibh díngte palcuighthe ar a chéile. Pasáil go maith an fheamnach sa trucail d'fhonn agus go raghaidh breis innte: luigh uirthi is brúigh go maith fé chois í. Phasálfainn fém chosaibh thu, a raispín: do leagfainn thu is do bhrughfainn i gcoinnibh na talmhan thu. Phasáladh na Tighearna Talmhan na tríontaidhthe bochta: dhéinidís pé rud budh mhaith leó. Ná pasáil na bláthanna san: ná lait iad trí shiubhal thríotha. San imirt dóibh do phasáil ár bhfuireann-ne an ceann eile: d'imrigheadar tímcheall ortha: dheineadar cácar díobh: thugadar cuimil an mháilín dóibh. Phasálfaidís sin thu dá bhféadaidís é: do chlaoidhfidís.

pasálta: *a.r.* brúighte, palcuighthe, brúighte, dingthe fé chois; claoidhte. Brathaim pasálta ag an saoghal: curtha fé chois. Cocaidhe pasálta: palcuighthe, fuinnte lé dingeadh fé shatailt. Mo chuid arbhair pasálta get ainmhidhthibh: leagtha, brúighte gan mhaith. Is mór

a bhfuil de thíorthaibh pasálta ar fuaid na hEóraipe: claoidhte is curtha fé smacht. An bhfuil an síol féir pasálta fós agaibh?: curtha i gcocaidhibh is é dingthe lé satailt air. B'fhada ár dtír pasálta ag Sasana, a rogha rud aice ghá dhéanamh léi: fé dhian-smacht. Focal níor fhágais aige, tá sé pasálta agat: claoidhte.

pastaidhe: *f.4.* tealaire, duine deiliúsach. Shuidhfeadh an pastaidhe sin annsan os do choinne ag steall-fhéachaint ort faid bheifeá ag itheadh: duine mí-bhéasach. An ghiorraisc a thug an pastaidhe garsúna san do sheanduine chuirfeadh allus náire ort: cainnt ghiorraisc mhí-bhéasach. Pastaidhthe scoile: leanbhaidhe a thugas teallaireacht uatha lasmuigh den scoil.

pastaidheacht: *b.3.* teallaireacht ghiorraisc. Dá mbeadh an uile nidh agat chómh maith is tá pastaidheacht agat budh mhaith an scoláire thu: teallaireacht: giorraisc chainnte: dánaidheacht. Beir do chuid pastaidheachta in áit éigin eile, ní bhruicfidh éinne annso leat: do bhearta is do chuid ráidhte mí-bhéasacha.

pastaire: *f.4.* teallaire, táthaire, brosaire, bruadaire, duine deiliúsach. Pastaire beag tusa ná dúnann do chlab ach ag eadrán ar gach éinne: rud mí-bhéasach a chuireas isteach ar pé nidh a bhíos ar siubhal. Déin do ghnóth féin, a phastaire, leig dom-sa agus dom ghnóth: duine ná féadfadh gan bheith ag caitheamh carbhall leat ar do ghnóth. An dóigh leat go bhfuil cuma an phastaire air?: duine a shádhfadh a cheann i ngnóth chách is bheadh ag tabhairt a bharamhail air. Ní fheaca aon phastaire riamh ach thu: teallaire thar teallairidhibh: duine go mbíonn a theanga ar bior aige chun beachtaidheachta do dhéanamh ar aon rud a dhéanfadh ná déarfadh duine. Mo phastaire ná corróchadh lámh ná cos chun cabhartha do thabhairt uaidh ach a theanga ar siubhal aige: rud deiliúsach. Ní leigeann an pastaire sin éinne tharais: táthaire ná féadfadh a bhéal do choimeád dúnta ar éinne. Pastaire a bheadh d'iarraidh bheith ag magadh fút: rud mí-labharthach. Ní haon pháistínidhe iad san anois, táid ina bpastairidhibh maithe: éirighthe suas go teann, talmhaidhe.

pastaireacht: *b.3.* teallaireacht, deiliús, táthaireacht, eadrán mí-bhéasach. Cuir uait do chuid pastaireachta, ach má tá fonn ort aon nidh do dhéanamh déin é is stad de chainnt: bheith ag cainnt gan urraim, béas ná meas. Gheóbhfá do dhóthain mór pastaireachta uaidh ach is beag eile, ní biadh ná deoch a thabharfadh sé dhuit: gearr-aighneas, bruadaireacht, brosantacht. "Pastaireacht is fearr aige", lé duine ná déanfadh faic ach bheadh ag déanamh magaidh fén slighe do bheadh duine eile ag tabhairt fé. Pastaireacht cheart do dhuine óg do bheith ag coimeád ceann chuinge lé seanduine nó bheith ag tabhairt gach re seadh dho: níl múineadh ná béasa ná urraim ag baint leis. Budh mhór go léir an phastaireacht duit tabhairt fé dhul ag argóint lé duine chómh heólgaiseach, duine chómh haineólach leat: an dánaidheacht gan cur leis ach lé barr teallaireachta. Ní pastaireacht in ao'chor a fhreagras ceisteanna páipéir scrúdúcháin: giorraisc chainnte: iarrachtaidhe ar áilteóireacht mhí-bhéasaigh do dhéanamh ar gach cor go labhartar lé duine.

pasúr: *f.1.* maide measctha nó brúighte go gceann cruinn trom, is cos as; cos mhór. Is maith a raghadh pasúr do is an leadaidhe díomhaoin do sheóladh amach chun oibre: bata go gceann trom, daingean air. Faigh pasúr, brúigh an gabáiste seo is measc lé min: maide

oireamhnach chuige. Imirthear criocóid lé pasúr: bata trom is sleasa air. Bróga ró-bheaga iad so dod phasúraibh-se: cosa fada, leathana. Is diail an pasúr atá ort: cos mhór, thaithigeach. Tabhair do phasúir don mbóthar anois: siubhluigh é. Tóg do phasúir uaim: do chosa (móra) atá sa tslighe orm. Tá obair ann - is ann atá sí – ach pasúr do thabhairt do: bata.

pat-: *i gcfhbh.* cuibheasach, measardha. Duine pat-aosta chun farraige anois me: beagán ró-aosta chun a leithéid. Cé hé a phat-bhearr do cheann ar an gcuma san, lán de gheadannaibh is de dhualaibh: cuid de bearrtha, cuid de gan bheith. Éan pat-bhreac é seo: breac i mballaibh. Táir pat-bhorrtha ó bheith ag ól: is furaiste rian an óil do thabhairt fé ndeara maidir lé séideadh cuirp. Níor thaithnigh an dath in ao'chor léi, ní raibh sé crón a dhóthain ach pat-chrón: éadtrom-chrón. "Déarfá", ars an t-áilteóir, "go mbeadh sí pat-chráibhtheach ar a mhinicighe théigheann sí chun an tsáipéil": cuibheasach diadha. Uisce pat-fhuar, connus dhéanfá té leis: ná bíonn te ina cheart. Ní bheinn leagtha lé n-a shlighe in ao'chor, tá sé ró-phat-fhuar dom: leamh: gan aon speach. Lá pat-fhliuch ná beadh aon tsubháilceas ag siubhal in aon áit ag duine: fliuch a dhóthain chun a bheith neamh-chompórdach. Tháinig pat-fhionnach air gur hinnseadh an fhírinne dho, ach ní raibh cao labhartha aige is b'éigean do é do bhrughadh fé: fearg cuibheasach mór. Ná bí pat-fheargach i dtaobh tú do chur ar do shúile: cráidhte, ciapuighthe. Leanbh pat-ghlórach nách féidir a bhéal d'éisteacht: móran glóir is gearáin aige. Eagla ar gach éinne go mbeidh an plúr pat-ghann d'aindeóin geallamhna an riaghaltais: deacair d'fhagháil uaireannta. Chun na fírinne d'innsint níl sé ach pat-ghaisceamhail: cuibheasach ar dheagh-bheart do dhéanamh. Ní rabhadar ach pat-bheirbhthe, ní fhéadfainn bainte leo: leath-bheirbhthe nó mar sin. Cailín pat-chrotamhail seadh í go deimhin, diongmháil aon fheirmeóra: deallramhtach i gclódh 'si ndath. Maidean phat-ghlas a dóthain dob eadh í gan flúirse éadaigh: géar, fuar go maith. Ní fíor san anois ná raghadh sé ann, bhí pat-fhonn air teacht dá bhfaghadh sé aon mheisneach: mian maith. Nách pat-iongtaiseach ataoi tobac do bheith agam, ná fuil oiread de cheart agam air lé héinne eile: iongtas thar mar budh cheart. Tugann sé pat-iarrachtaidhe ar rud do dhéanamh, ach is beag é a shaothar: fo-iarracht anois is airís gan puinn fuinnimh ná áird. Bíd ag pat-iascaireacht ach sin a bhfuil ann, oidhche anois is oidhche airís: ní bhíd ró-dhian ortha féin. Garsún pat-láidir é sin dá aos: cuibheasach láidir go maith. Ná bí ag brath air, fear pat-leisceamhail ná beadh aon ghnóth agat de ar chúram géibhinneach: mós righin chun corruighthe. Tar éis an gheimhridh beidh an dúthaigh pat-léirighthe ag an gcogadh: seirgthe, tugtha. Thuit an t-uisce fliuchaidh air, anuas ar dhrom a choise nochtuighthe is tá sé pat-loiscighthe aige: dóighte go maith. Ní fheaca riamh aon tamall ar an sráid é ná go mbeadh sé pat-mheisceamhail: rian na meisce air. Ná caith do chuid aimsire ag tafant air, níl ach pat-mheisneach air teacht: an-lag. Mara mbeadh ná fuair an té seo ach pat-mheascadh ar a bhfuil de shiúicre thíos ar tóin ní ólfadh éinne lé mílseacht é: meascadh beag, lag. Ní hiongadh dhuit bheith pat-mhórdhálach as a bhfuil déanta agat, ní miste a rádh ná go bhfuil déanta go maith agat: cuibheasach meastamhail ort féin ar a luighead. Nách pat-mhustarach an teallaire é, féach an t-imtheacht is na geámaidhe atá fé. Tháinig pat-náire air nuair tángthas i ganfhios air ag cainnt leis féin: náire chuibheasach: an saghas a thagas ar dhuine ná bíonn faic déanta as an slighe aige: támáilteacht. Pat-nidhthe ná cuirfeadh duine eile aon nath ionta do ghní clampar mór dá aigne: rudaidhe beaga, suaracha. Cheannuigh sé bróga pat-néata, is dar leis gur mhór an seódh iad: beagán ciúirialta. In

ainm Dé ná téighir ameasc na ndaoine pat-nochtuighthe mar sin, giobal triubhais go glúinibh, do bhrollach is do ghéaga leis: leath-nochtuighthe. An pat-nigheachán atá tugtha ar na héadaighibh is náire chroidhearg é: nigh airís iad: breac-nigheachán. Caora phat-odhar: ná beadh a haghaidh odhar ar fad. Mise an phat-óinseach ná tugann tor ar éinne ach mo chuid oibre do dhéanamh ar mo chuma féin: óinseach gan chrích, gan áird. Is go pat-phras d'éirigh sé, dá mhéid deabhadh a bhí leis: mall, righin go leór. Muca pat-reamhra, dhéarfainn go raghaidís airgead maith: ar an dtaobh cothuighthe. Pat-righin a dhóthain a bhí sé ag gluaiseacht, ní déarfadh éinne go raibh mórán fonn bóthair air: siléigeach, daingean. Pat-thuirseach tar éis an lae fóghmhair ó bheith ag baint is ag ceangal: tuirseach, cortha go maith. Cuireadh pat-sceimhle orm nuair léim an rud amach ar an gcasán rómham san áit uaignigh: eagla mo dhóthain. Cuir uait an phat-shocracht, tá deabhadh leis seo: ró-réidh ar fad tímcheall do ghnótha. Tamall do bhí ionad maith aige is bíonn sé fós d'iarraidh crot maith do choimeád lé pat-uaisleacht: bocht, lom-éadaigh, ach ag tabhairt iarrachta ar an sean-imtheacht agus an tsean-ghalántacht do chongbháil.

patachán: *f.1.* girrfhiadh nó coinín óg; leanbh óg, duine mós beag dá aos. Éist annsan, a phatacháin: a ruidín shuaraigh. Scata leanbh ar fuaid an tighe, budh dhóigh leat gur patacháin iad .i. iad an-bheag, an-óg. Cár labhair an patachán san?: duine beag-chlóidh. Thug sé léim patacháin fóghmhair ó lár an bhóthair go mullach an chlaidhe: léim cheólmhar. An chainnt atá aige is gan toirt patacháin ann: an-bheag. Patachán linbh, girrfhiaidh, coinín.

patallóg: *b.2.* leanbh beathuighthe, fóirlíonta. Ní fheacaís riamh patallóg dheas leinbh go dtí é: bláthmhar, beathuighthe, gearra, cruinn. Tá sé de chuma ar na patallógaibh seo ná fuaireadar aon ocras: leanbhaidhe go bhfuil rian a gcoda ortha.

patanáil: *b.3.* siubhal duaibhseamhail, tuirseamhail. An post tonn-aosta ag patanáil leis ó bhaile go baile fén dtuaith.

pátrún: *f.1.* sompla, samhlachas, dréacht, peictiúir; aithbhreith, cuspa. Dréir mar thugair a thuairisc is é an pátrún céadna fir é: an deallramh is an chuma chéadna. Ní haon phátrún do dhuine bhocht mar thusa an fear gustalach san: ní chuibhe dhuit bheith ag déanamh aithrise air. An buachaill go bhfuilim ag cainnt air bhí sé id phátrún-sa: do dhéanamh is do chlódh air. Pátrúin gach saghas culaithe ag an dtáilliúir: múnlaidhe nó somplaidhe chun déanamh dá réir. Na pátrúin bhreághtha a bhí ar na miasaibh: dréachta tairngthe ortha. Chuireadh an táilliúir beart mór pátrún chugham chun mo chuid éadaigh do thogha as, pé dath, etc. budh mhian: mion-shomplaidhe. Ar mh'anam gur gleóidhte an pátrún mná é seo agat, cé thóg é?: peictiúir. Níl éinne ná go ndéarfadh gur taithneamhach an pátrún thu tar éis na hoidhche ag tuiteam 'sag éirghe id mheisceóirín shalaigh!: radharc! Dia go maithidh dhom é, ach is é pátrún an diabhail féin lé féachaint air: cuma is crot an tsean-bhuachalla. Pátrún luinge, eaglaise, etc. crutaon tairngthe i ndeilbh bhig. Tóg pátrún leis an bhfear san agus is feárrde thu é: déin aithris ar an gcuma chaitheann a bheatha. Is í pátrún na háilne í: níl teacht anuas uirthi leis. Tóg mise anois mar phátrún connus fhéadfainn-se muirear mór do chotháilt ar an mbeag-thuarastal atá agam: cuir mise i gcás. "An bpósfá me?" – "nách agam do bheadh an pátrún!": an duine gurbh fhiú féachaint air (searbhas). Cuir an bád i bpátrún: sín amach an fonnadh chun a déanta. Is galánta an obair

atá déanta agat go deimhin, an t-ógánach gan tuisgint do tharrac ar do phátrún féin (searbhas): do droichbhéasa agus droichshlighthe múinte agat do.

patrún: *f.1.* éarlamh; féile éarlaimh; comhthalán rinnce, etc. ar lá féile naoimh ceanntair. Ar phatrún nó ar aonach budh thaithneamhach a hiomchar: in áit ar bith go mbeadh cruinniughadh bhí sí so-amhairc, geanamhail. Cuir ort do chulaith patrúin: an t-éadach is fearr agat. Pádraig patrún na hÉireann: éarlamh: an naomh is cosantóir creidimh don ndúthaigh. Teighimís ar an bpatrún: ar an gcruinniughadh a bhailigheas chun urnaighthe, rinnce is caitheamh aimsire lá féile naoimh.

pé: *f.a.* éigcinnte. Aon rud, gach aon rud go, is cuma cad; an duine, aon duine, is cuma cé hé. Pé duine a gheóbhadh é, má gheóbhadh neach é is tusa an té sin: duine ar bith. Pé fear nó bean a bhí ann ní fheadar, ach bhí duine éigin ann: duine áirighthe: caonaidhe díobh. Péaca san é, tusa do theacht nó gan a theacht bead-sa ag feitheamh leat ar an sprioc-áit: mar seo nó mar siúd. Péaca den mbeirt a thiocfadh budh chuma, dhéanfadh éinne aca: an duine seo nó an duine úd. Pé fada geairrid. Pé maitheas a déanfí dho is é an dochtúir a dhéanfadh é ní fuláir liom: aon tsaghas a bheadh. Pé órdughadh a gheóbhair uaidh cóimhlíon é: is cuma cad saghas. Pé leath-scéal a bhíos aige ná creid é: abradh sé a rogha rud, etc. Pé rud a thárlóchaidh níl baoghal ort-sa: is cuma cad etc. Tóg pé rud is maith leat: fút féin atá toghadh do dhéanamh. Pé rud a dhéanfair ná hith an iomad faid bheidh an beirbhthean breóidhtighe ort: ar aon chunntas ná hith. Pé rud a dhéinim bím bun os cionn: is cuma cad é, etc. Pé duine a thagas ar dtúis bíodh sé aige: an té gan bacamhaint lé n-a bhuannacht ná eile air. Péagainn is mó anál is é a toghfar chun an ráis: an caonaidhe sin ar ár líon. Bhíodar ag áiteamh 'sag argóint, ach péaca san é níor éirigh leó aon réidhteach do dhéanamh: d'aindeóin sin. Péaca bás nó beatha dhom tástálfad é dá dheacracht is dá chonntabharthaighe é: an toradh ní chuireann mairg orm. "Is í grádh mo chléibhe, pé in Éirinn í, etc.": duine éigin nách eólach dúinn nó gur mian linn a coimeád ina rún. Pé tuairimidhe atá agat luigh leó ach ní chuirfir siar orm-sa iad: bhídís mar seo nó mar siúd. Péaca san é éirighimís as: ar aon chuma etc. Pé rud a thug thu nár sheóladh Dé chugainn airís thú: an rud áirighthe.

péac: *b.2.* teog leis an adhairc; focal gonta; nuadh-fhás ghá fhoillsiughadh féin, beann, sprochaid; bun-phréamh; eitim ghearra. Pholl an tarbh an goile aige lé péac dá adhairc: sáthadh obann dubhluighthe. An phéac fúm-sa go n-abrair go bhfuil mórán ann a bhíos ag síor-thnúth?: carbhall tagartha dómh-sa. Á dhera, mhuise budh néata an phéac í sin a fuair sé a chuir ina éisteacht é: carbhall gonta. Péac fé dhuine éigin í seo: tagairt chluthair ná féadfadh éinne a rádh gur dho féin ar eagla a neascóide do bhriseadh! Budh scannruightheach an radharc an pléasclach in aice na gcarraigeach is na péaca fada mar adharca amach as: sprochaididhe. Péac éigin indiu ort nách féidir cóstáil leat, cad do bhain duit?: mí-ghnaoi mhór. Ní péac anois agus péac airís a dhéanfadh an obair seo: eitim: iarracht. Ná tuig go bhfuilim i ndeireadh na péice fós: in earball mo nirt. Péaca na bprátaidhe i mbéal na cré: an síol curtha amach is ghá theasbáint féin.

peacach: *a.* lán de pheacaidhibh, cionntach, malluighthe. M'anam peacach Dia go ndearna trócaire air ar leabaidh mo bháis: go bhfuil iomarbhas déanta aige in aghaidh dlighe Dé. Budh bhreágh é slighe an té chun Dé a déarfadh ná raibh neach budh

pheacaighe ar an saoghal ’ná é féin: budh mhó cortha: budh chionntaighe i láthair an Tighearna Dia. Bímíd peacach ag teacht ar an saoghal: é de dhúthchas ionainn. “Mo léir is peacaidhe mo shaoghail”, deir duine nuair bhíonn tuirse, brón nó mairg air.

peacach: *f.1.* duine a pheacuigheas, duine. Peacach beó ní raibh rómham ná raibh marbh: neach in ao’chor. Peacach níl ag siubhal na talmhan gan locht is míle locht: neach in ao’chor. Ní fheicfeá peacach fén sráid ann: an tsráid dealbh ó dhaoinibh. An bhfeacaid súil peacaigh riamh do leithéid eile lé holcas?: súil duine. Is iomdha iomard, cinneamhaint is mí-sheól os chionn an pheacaigh: na cinnidh daonna. “...acht don pheacach do bheir sé saothar do chruinniughadh is do chur ar muin a chéile, ar chor go dtabharfadh don té is maith i bhfiadhnaise Dé etc.” (Ecc. II. 26). “Adeirim libh gur mar sin a bhéas forfháilte ar neamh ar son aon pheacaigh a ghní aithrighe níos mó ’ná ar son naoi bhfíreán déag agus cheithre fichid, ar ná fuil riachtanas aithrighe” (Lúcás XV. 7). “An peacach is an bás”, adeir duine lé hosna nuair bhrathann sé an saoghal air. “Ná tnúthuigheadh do chroidhe leis na peacachaibh acht bí in eagla an Tighearna i rith an lae uile” (Seanráidhte XXIII. 17). Más peacach me is é an té atá uainn do chidhim: chómh cinnte is táim beó. Chómh maith is gur peacach me díolfair as do dheáibreachaibh mara séanair mise leo: chómh cinnte is gur duine beó me. An peacach bocht i gcóir gach anróidh: gach aon rud i mullach an chinn ar an nduine: dual is dúthchas do mí-shubháilceas an tsaoghail. “An peacach san bás ar an gclár in aonfheacht”: nuair bhíonn an duine tar éis bháis tá deireadh iomarbhais aige.

péacach: *a.* scléipeach (in imtheacht), sprochaideach; beannach, spéacach, géar; tóirtéiseach, mórdhálach; taidhbhseach, gréagach, bastallach. An hata péacach a bhí uirthi ní raibh neach ann ná raibh ghá thabhairt fé ndeara lé n-a dhath is a ruibínidhe: taidhbhseach. Is maith péacach atá duine éigin indiu ó bhróig go hata: gabhtha lé cámas ag éileamh breithnighthe na ndaoine. Bó phéacach: go mbíonn spéacaidhe (adharca) móra, fada uirthi. Cuma phéacach indiu ort, táir ag teacht chughat féin go maith: beó, aibidh. Bíonn prátaidhe péacacha luath ag teacht: síol (prátaidhe) a bhíos ag cur amach sara gcuirtear iad. Bír beagáinín ró-phéacach nuair bhíonn braon ólta agat: ghod chur féin in iúil breis. Budh dheacair é do dhéanamh níos péacaighe: níos néata. Cailín gleóidhte, péacach: gasta, pras. Cnoc mór péacach Bréanainn: beannach. Tugtar an Bheannach ar an gcarraig toisc í do bheith péacach: ceann, caol, árd, géar do bheith uirthi. Is é a bhuail isteach ’on tigh tábhairne go péacach: taidhbhseach: budh dhóigh leat gurbh é brobh i dtóin é.

peacadh: *f.1.* iomarbhas in aghaidh dlighe Dé, smáilc anama i smaoine, i ngníomh nó i mbriathar; malluightheacht spriodálta, urchóid; faillighe i ndualgas; mí-ghníomh; beart náireach; neamh-chóimhlíonadh riachtanais. Peacadh so-loghtha seadh bréag bheag do rádh: atá furaiste a mhaitheamh is cúiteamh do dhéanamh ann. Peacadh marbhthach bás dhuine léd thoil do bheith ort .i. peacadh uathbhásach a thuilleas damaint shíorraidhe muna ndéintear cúiteamh is leór-ghnímh ann. Más peacadh bheith buidhe atá an saoghal damanta .i. fíor-bheagán ná fuil néal bhuidhe ina gcneas. Tagaimíd go léir ar an saoghal so lé peacadh an tsínsir: an peacadh is oidhreacht don nduine trí thuiteam Ádhaimh. Ná bíodh peacadh an tómhais ort, cuir beagán eile sa scála: mí-ghníomh gan a cheart do thabhairt do dhuine [tá so chómh déistinneach lé peacadh marbhthach nách mór i súilibh

na ndaoine, is measa go mór é aca 'ná goid]. Peacadh marbhthach seadh rud do thabhairt lé n-itheadh do dhuine chomh leisceamhail, droch-mhaitheasach leat-sa: beart fíor-náireach. Duine gan aon pheacadh seadh é, níl rud ar a aigne ná ar maoith aige ná hinneósfadh sé dhuit: an-shaonta: neamhurchóideach. "D'fhreagair Íosa iad, go deimhin, deimhin adeirim libh gibé a ghní peacadh is seirbhíseach don pheacadh é" (Eón VIII. 34). "Má pheacuigheann sagart atá ungtha dréir pheacaidh an phobail, annsan tugadh sé ar son an pheacaidh a pheacuigh sé damh óg gan toibhéim chun an Tighearna mar íodhbairt peacaidh" (Leibh. IV. 3). Má bhíonn cuid do chomharsan agat i bhfios duit beidh peacadh na sainnte ar t'anam. Sanntuigh bean do chomharsan is beir cionntach i bpeacadh na drúise: baint mhí-cheart ag fear nó bean phósta lé duine eile seachas an chéile. Nár agraidh Dia mo pheacaidhe orm ach níl aon uair a chidhim é ná go dtagann col agam leis: nár leanaidh Dia cúiteamh orm as mí-mheas do bheith agam ar neach. Is é sin an peacadh rud do bheith ag daoinibh eile is fear an chroidhe mhóir gan é: an t-olc gránda. Creidim i maitheamhnachas na bpeacaidhe: diúltadh cúitimh na duaidhnéise orainn ó Dhia. Peacaidhe mhuinntire an tighe seo ar mhuinntir an tighe seo amuigh: cúiteamh ár gcortha ortha [deirtear so nuair bhíonn dhá thigh in earrad lé chéile. Go minic ní bhíonn ach iarratas maitheamhnachais]. Do pheacaidhe id dhruinn ort: ina n-ualach ort gan mhaitheamh duit. Dheineas peacadh léi: déanamh do thabhairt di ná leómhann Dia. Bíodh an peacadh orm-sa, tóg é: pé milleán a leanas é agartar orm-sa é. Nách é an peacadh a bhfuil de bhiadh bhreágh, agus atá ag teastáil go cruaidh, dhá chur ar tóin puill gach lá: mí-ghníomh.

péacaidheacht: *b.3.* scléipeacht; tóirtéis, baois, taidhbhseacht, bastallacht. Na stocaidhe síoda, na rothair, an t-éadach galánta, na toitínidhe, an dúil i bpatrún is i rinncidhibh ag an aos óg níor ghábhadh leath na péacaidheachta: an imtheachta tóirtéisighe: scléipeacht. D'aithneófá air nuair bhíonn aon ádhbhairín sa phóca aige ar an bpéacaidheacht a bhíonn air: an tslighe thaidhbhseach, bhlomasach a bhíos fé. Is mó (treise) ar a bpéacaidheacht 'ná ar a ngustal: ag dúmas nidh ná fuil ann. An phéacaidheacht bheag sprionnlaithe seo nuair bhíonn aon tsaghas bun orainn: d'iarraidh bheith galánta, tóirtéiseach nuair bhíonn aon éirghe sa tsaoghal againn.

péacáil: *b.3.* do thabhairt súngc; do sháthadh nó do ropadh leis na hadharcaibh, do phocadh leis an gceann; an síol ag cur amach; carbhall gonta do chaitheamh (lé duine). Na ba ag péacáil a chéile agus goirteóchaid: ag bualadh a chéile leis na hadharcaibh: ag gabháil dá gceannaibh ar a chéile. An oidhche ag péacáil chun gaoithe: ag cur roimpe bheith gaothmhar. Ní raibh na gais ach ag péacáil i mbéal na cré nuair tháinig sioc ortha a loisc iad: ag cur amach is ag teacht ar barra. Nuair dubhairt sé go raibh daoine ann gur cuma leó aifreann nó eile do bheith aca ag péacáil fúm-sa bhí sé toisc me do bheith déidheannach: ag griogadh orm: d'iarraidh me do ghonadh. Ghom phéacáil sa hasnadhachaibh go dtabharfainn aghaidh mo chaoraidheachta air: ag tabhairt súngc dom lé n-a uillinn nó ghom phriocadh lé barraidheachtaibh a mhéarann. Tar éis na péacála go léir féach nár éirigheadar chun a chéile: na gcarball gonta. Ná bí ag péacáil fé, tá sé dona a dhóthain gan aon chur suas: ghá ghriogadh: ghá bhrostughadh chun gnímh.

péacálaim: *b.a.* $_7$ *n-a.* cuirim amach (síol), tugaim teog lém cheann, griogaim. Níor phéacáil na bláthanna fós, níor chuireadar a gceann aníos: níor chuir an síol amach.

Péacálfaidh na ba a chéile sa chródh mara gceangaltar iad: buailfid a chéile lé n-a gceann is lé n-a n-adharcaibh. Is gleóidhte do phéacáil sé an uair úd me nuair dubhairt sé nách é an té is giorra dho dhuine ach an té a oirfeadh do toisc nár thugas aon chabhair do tar éis mo ghaoil leis: thug sé fogha gonta focail fúm. Péacálfaidh an lá indiu ar an gcrot atá lastanáirde air: éireóchaidh sé chun mór-ghaoithe.

péacallach: *a.* baoth, faid-earballach, blomasach, cámusach, seólta bóibéiseach. Nách é a ghluaiseas go péacallach, gan mairg fén spéir air, gan cíos, cás ná cathughadh air: neamhthuiseach ar an saoghal. An eascú fharraige budh phéacallaighe dá bhfeaca im shúilibh cinn riamh: budh shia earball. Is é a bhuail suas an sáipéal go péacallach agus dar leis gur cheart don bpobal do bheith ghá bhreithniughadh: blomasach: foillsiughadh gan fearaidheacht gan galántacht. Cailín péacallach a chaitheas an chuid is mó dá saoghal ghá phiocadh is ghá giobadh féin is lé caitheamh aimsire: baoth, neamh-mairgeach i dtaobh oibre.

peacamhail: *a.* tugtha do nó lán de pheacaidhibh, malluighthe, urchóideach. Beatha pheacamhail a chaitheas i dtúis m'óige budh mhó agam m'aoibhneas féin do bheith agam ná toil Dé do dhéanamh: ag briseadh dlighthe Dé. Budh pheacamhla do dhuine luighe trom ar bhochtaibh ná gadaidheacht féin: budh mhilleánaighe, b'urchóidighe i láthair Dé. Tabhair mo chion dom, ná bí peacamhail: ná déin rud as an slighe. Bealach peacamhail atá agat ó éirighir ar maidin go luighir ist oidhche: gach geábh is cor dá dtugair bír ag déanamh nó ar inntin rudaidhe mí-chearta.

peacamhlacht: *b.3.* aiste, stáid nó dúthchas an pheacaidh ann. Budh chóir go gcuirfeadh peacamhlacht do bheatha náire ort uair éigin is go n-athrófá t'fhuadar: an tslighe do chaithir í teimhealuighthe ón olc is ón urchóid. An pheacamhlacht chómh daingean suidhte i gcroidhe an duine is gur ró-dheacair do beatha ionraic do chaitheamh: dúthchas nó mianach na gcionnta do thaithighe. A Dhia, ruaig an pheacamhlacht amach as mo chroidhe ionnus gur bh'fhiú me an ríoghacht shíorraidhe do shroichstint: dúthchas na mí-ghníomh.

péacán: *f.1.* an cur amach a ghníos síol; nuadh-fhás ar phlannda. Prátaidhe péacáin: go mbíonn curtha amach aca um an dtaca ina gcuirtear 'on talamh iad. Péacán ar bith ní bhíonn ar an gcrann úd anuas in aice na talmhan: beanngán ná slapar d'aon tsaghas. Péacán beag buidhe ar an gcneadh: ceann beag tagtha uirthi. Bó í seo ná fuil aon cheal péacán uirthi: adharca maithe, fada uirthi. Bíonn péacáin ar an bpléasclach mara: sprochaididhe mar adharca.

péacánach: *a.* beannach, sprochaideach, adharcach, ag cur amach; buailteach. Hata péacánach a bhí ar an sagart tímcheall an tsáipéil: beanna anáirde ann. Crann ró-phéacánach é, is deacair é d'iondramháil: an iomad beanngán is slapar ag fás as. Bloc péacánach coille mar go raibh na duail órdlaighe amach as: sprochaideach: é mar bheadh adharca beaga as. Seachain tú féin uirthi sin, bó phéacánach seadh í: buailteach: malluighthe as a ceann.

péacóg: *b.3.* éan mór cíorach, bíonn clúmh ioldathach, drithleanach ar an gcoileach, earball fada, na cleitidhe ann buidhe-dhonn, agus baill (súile) dubh-ghorma ionta, ionthógtha, intsínte (in-leathta) ar nós seasail; samhlughadh taidhbhse is uallach é. Ní bheadh péacóg chómh mustarach léi ina culaith nuadh: chómh taidhbhseach, gaigeamhail: i bhfonn í féin do theasbáint go móiréiseach. "Cé gréagach í an phéacóg ní prioctar a cnámha", breágh ón dtaobh amuigh ach gan aon mhaith eile. Ní haon phéacóg í go mbeadh an lán go léir fúithi: bean áluinn mhustarach.

péacógach: *a.* taidhbhseach, tóirtéiseach, camusach. Gabhtha mar tá sí i gculaith áluinn tá sí ró-phéacógach do chaimiteánach tuaithe mar mise: taidhbhseach: bastallach. Fear péacógach nár mhaith liom a chómhluadar, cumaidhe is feádhanna fé d'iarraidh a fhoillsiughadh ná fuil éinne mar é féin: cámasach, baoth.

peacughadh: *f.* (*-uighthe*) do dhéanamh bearta, gnímh, cortha in aghaidh dlighe Dé; do dhéanamh iomarbhais. Ag peacughadh in aghaidh Dé, na gcómharsan is im aghaidh féin atáim riamh: ag déanamh nidhthe díoghbhálacha don anam. Glac aithreachas tar éis peacuighthe: aimhleas t'anam. Admhuighim gur fear mór peacuighthe me: go mbíonn peacaidhe dhá dhéanamh agam go mion minic. Ní bhead ghom pheacughadh féin leat bheith ag allagar 'sag áiteamh ort: ghom chur féin sa tslighe is go mbeadh fearg mhór orm.

peacuighim: *b. n-a.* treasuighim dlighe Dé le smaoineamh, lé briathar nó lé gníomh. Pheacuigheas an lá a thugas eascaine, a tháinig fearg orm, a ghoideas, a chuireas bréag ar mo chómharsain ná aon rud eile nách taithneamhach lé Dia. "Agus d'fhreagair Rúibein iad ghá rádh, nár labhair mise libh ghá rádh, ná peacuighidh in aghaidh an leinbh, agus níor éisteadar liom; ar an adhbhar san, féachaidh mar an gcéadna atá a fhuil dá leanamhain oraibh": ná déinidh aon rud a ghoillfeadh air. "Éireóchaidh mé agus rachaidh mé d'ionnsaighe m'athair agus déarfaidh me leis, a athair, do pheacuigh me in aghaidh neimhe agus it fhiadhnaise-se" (Lúcás XV. 18).

peadar: *f.1.* blúire 'e chipín a choimeádas gaiste éan ar tinneall.

péadóir: *f.3.* teangmhálaidhe, eadránaidhe, cleasaidhe, ladhrálaidhe. Péadóir gur mó chuireann cúram na ndaoine eile tinneas air 'ná a chúram féin: duine a sháthas a cheann ins gach aon rud a bhíos ar siubhal. Péadóir grinn é sin ná fuil aon díoghbháil ann: cleasaidhe. Péadóiridhe cártaidhe, éistighidís: cúl-chearrbhaigh. Leig don gclog, a phéadóir, nó brisfir é: láimhseálaidhe.

péadóireacht: *b.3.* cleasaidheacht, teangmhálaidheacht. Caithfidh sé bheith ag péadóireacht lé rud éigin i gcómhnaidhe, nó ní bhfaghadh sé a shláinte: ag lapadaíl nó ag méaráil leis. Péadóireacht an domhain uile agat leis an madra san ag stathadh a earbaill is a chluas, seachain ná beireadh sé ort: cleasaidheacht. Cad í an phéadóireacht í seo agat lém phóca? ní hé gurb é mo chuid airgid atá uait?: útamáil: láimhseáil ganfhiosaidheachta.

peann: *f.1.* cleite gáinne bioruighthe agus scoiltighthe, go mbíonn rinn air chun scríobhnóireachta; úirlis scríobhnóireachta go rinn miotail is cos adhmaid. Sruth-pheann: ceann go mbíonn an dubhach i dtaisce innte: peann tobair, peann reatha. Faigh dubh, peann is dubh: adhbhar scríobhnóireachta. Is fear me ná deaghaidh lé peann ná lé leabhar riamh: ná fuair aon scolaidheacht. Is éadtrom an t-arm an peann .i. deir fear shaothruighthe na talmhan so lé duine go mbíonn beart incheann aige, nó, is éadtruime an peann ná an rann (phiocóid, sluasad, céachda, etc.). Oiread agus raghadh ar rinn pinn (agus thógfadh peann) níor ólas de: dil bheag. "...mo theanga mar peann scríobhnóra ró-dheithneasaigh" (Sailm XLV. 1). "...amach as Mhachair thángadar uachtaráin anuas agus amach as Sheabalum tháinig an drong a ghlacas peann an scríobhnóra" (Breith. V. 14). "Níl aon bhuille is measa ná buille an phinn": is marbhthaighe: is sia a fhágas a iarmairt. Cuir (do) pheann leis seo: sighnigh é. Fuaireas stiall dá pheann: d'ionnsaigh me i bpáipéar nó i leabhar.

peannadóir: *f.* duine a scríobhas, scríobhnóir. Is slachtmhar an peannadóir é: tá lámh mhaith scríobhnóireachta aige. Is aoibhinn, dar lé rannadóiridhe, beatha peannadóiridhe: iad so a ghnóthuigheas a mbeatha trí pheann.

peannadóir: *f.3.* piantóir; ionad smachta nó leasuighthe beatha. Aon rud do chuirim ina chúram ort dom ní fuláir leat a lat, is tú an peannadóir: duine a chrádhas is a chlipeas. Peannadóir agam-sa a choimeádfaidh an t-ainmhidhe bradach san, cródh daingean-dhóirseach: áit a smachtóchaidh é. Buaileadh isteach i bpeannadóir é ina óige dho, bhíodh sé ag goid is ag fuadach: áit smachtuighthe.

peannadóireacht: *b.3.* scríobhnóireacht, obair scríobhnóra. Is mór í mo pheannadóireacht má tá mo chiall dá réir: an méid scríobhtha. Mo mhilleán níl ar an té nách taithneamh leis an pheannadóireacht so, mar is í ná fuil go snasta ná go slachtmhar: clódh is cuma na scríobhnóireachta.

peannadóireacht: *b.3.* piantas, pionós, pianamhlacht, fulang. Ní beag í mo pheannadóireacht bheith ag gabháil trís an dtigh seo gan an bás do bheith ag árdach mo chlainne uaim: pionós: fulang. Is mór agus is dian í peannadóireacht an iascaire a chaitheas an oidhche fhada ar thóin báid: fulang. Ní hé an méid a chaithfeá a dhéanamh do ar fad ach an pheannadóireacht a gheóbhfá uaidh ag síor-órdughadh ort: an clipeadh is an crádh.

peannaid: *b.2.* duaidhnéis, aithrighe, iomard, crádh, clipeadh, clampar. An pheannaid riamh anuas sa mhuinice air, an rud ná bíonn indiu air bíonn ambáireach air. Peannaid a dhóthain ar éinne go gcuirtear seacht mbliadhna príosúin air: duaidhnéis. Is mór an pheannaid a bheith ar leath-chois: iomard. Peannaid in aon chuideachtain thu, ná héisteófá tamall éigin is gan bheith id ghealbhan gleóidh: crádh. A phinn, leanann peannaid thu ó ló go ló: clampar: duadh. An méid peannaide a chuir an sagart orm mar aithrighe agus leór-ghnímh cuireann sé truimeacht mo chortha ina luighe orm: breitheamhnas aithrighe: cúiteamh. Mo ghradhain é dá gcloisfeá gach aon scread aige, tá peannaid air: tinneas trom.

peannaidhe: *f.4.* scríobhnóir, duine gluaiste pinn. B'iongtach na peannaidhthe ár sínsear, féach ar shlachtmhaire is ar shnastacht a scríbhinn, taidhbhsighid mar clódh-bhualadh: lucht peann. Beir fada ar do ghlór, níor mhair sé an peannaidhe go mbeadh luas na teangan aige.

peannaideach: *a.* piantach, duaibhseamhail, tinneasach, iomardamhail. Saoghal peannaideach a bhíodh aice leis an meisceóir, é ag síor-achrannach léi gan uair a chluig suaimhnis aice aige: iomardamhail: clamprach. Oidhche pheannaideach agam ag feitheamh leat is nár bhfios dom ná gur i ndíg éigin do bhís: buadhartha.

peannaideacht: *f.3.* ealadha, eólgaiseacht leis an bpeann; eiligean scríobhnóireachta. Ag síor-pheannaideacht d'iarraidh a shlighe bheatha do shaothrughadh: go dian is go géar ag scríobh. Is baoghal liom nách aon laoch ar pheannaideacht me: ná fuilim go cliste ná go slachtmhar.

peannaideacht: *b.3.* pianamhlacht, pianmhaireacht. Is beag eile a fhéadfainn peannaideacht na láimhe d'fhulang, bhí ag breith chómh dian san orm: fulang cuirp, tinneasaidheacht dhian. Pé peannaideacht go ngeóbhad thríd is fearr liom é 'ná bheith ag fulang leis an bpriacail chéadna, táim glas as mo mheabhair aice: duadh péine.

peannaire: *f.4.* peannaidhe, scríobhnóir.

péarla: *f.4.* Nuair oscladh sí a béal b'áluinn an chír (chíor) phéarlaidhe a chidhfeá: fiacla chómh geal lé sneachtadh. Mar a chéile dhom na nidhthe áluinne seo do thabhairt duit nó péarlaidhe do chur i gcluasaibh muc, an tuisgint chéadna agat é: do thairsgint rud luachmhar do dhuine ná suimeóchadh ina gceart iad. Péarla ameasc ban: bean áitrighthe ar áilne, etc. Péarla ameasc ban lé croidhe mór agus féile teinteáin: go hiongtach lé cóir do chur ar an iasachtaidhe. Maran tú an péarla againn, gabhtha ar nós na péacóige, rud nár dhual is nár dhúthchas duit!: an bhean ró-luachmhar. Nílim gan péarla an lá atáir-se agam (searbhas): féirín: duine go bhfuilim buaidhte leis. Is í an péarla í ná pósfadh sí feirmeoir: áilne mhná (dar léi). Tíortha lasmuigh go mbíonn péarlaidhe i gcluasaibh ban chómh maith leis na fearaibh: cluasfháile. Cá bhfuairis an péarla? (searbhas): rud nó duine go mbeadh cuma chuibheasach air is gan aon mhaith ann. A súil ghlas mar phéarla ar bárr an fheóir: chómh glinn lé deóir drúchta. "Agus do bhíodar an dá gheata déag ina dhá bpéarla déag; agus is d'aon phéarla a rinneadh gach geata dhíobh fé leith; agus do bhí sráid na cathrach ina hór glan amhail gloine deallruightheach" (Tais. XXI. 21): de mhianach uasal, árd-luachmhar: lóghmhar. "Ní tiocfar thar chairbhéal ná thar phéarlaidhibh; óir tá luach na críonnachta os chionn na gcloch mbuadha" (Iób XXVIII. 18): neamhna.

péarlach: *a.* ar nós an phéarla, luachmhar; fíor-áluinn. Tá lonnradh péarlach ins na fáinnidhibh atá ar a méireanntaibh: mar bheadh péarlaidhe lé solasmhaireacht. Ní thabharfá ar iasacht lae dho duine t'uaireadóir, maran péarlach atá sí agat: maran mór-luaighe í dar leat. Ar mh'anam go raibh t'inghean, dá bhoichte í, chómh péarlach leis an gcuid a bh'fhearr aca: áluinn: deallramhtach.

péarlachán: *f.1.* duine (go mórmhór leanbh) deallramhtach. Dar léi gur phéarlacháin a bhfuil de chlainn aice is iad chómh neamhdheas lé héinne a chidhfeá: áilleagáin. Níor bh'aon phéarlachán riamh thu, ní ghá chasadh leat é: níor bh'éinne thu a fhéadfadh maoidheamh as a dheallramh lé breághthacht.

pearsa: *b.5.* duine caonaidhe, ball (de) corp, cruth, dealbh; deallramh. Aon Dia amháin 'na dtrí bpearsan – an t-athair, an mac agus an Spirid Naomh: caonaidhthe fé leith. Níl aithne phearsan(ta) agam air, ach aithne súl: aithne ar a mheón 'sa shlighthibh. Pearsa mná aice chómh breágh is chidhfeá in aon áit: déanamh deilbhe. Mo shúil go bhfuilir i bpearsain is i sláinte chómh maith agus budh mhian liom: i gcorp. Tair i bpearsa, ná cuir éinne: tú féin féin. I bpearsain ná i maoin níor mhaith liom aonnidh do bheith ort: ort féin ná ar aon rud a bhaineas leat. I bpearsa 'si méin fear seadh é: lé féachaint air agus ina shlighe. Pearsa ní éisteóchadh leis ag cur as: neach in ao'chor. Pearsa den gcumainn ní raibh láithreach: oiread agus neach. Ní hí an phearsa chéadna atá aca in ao'chor: an deilbh. Oiread agus cianóg ruadh níl ar mo phearsain: im sheilbh. Cén fáth ná beadh truagh dho, nách pearsa den ndaonnacht é chómh maith le duine: ar nós aon duine eile. Níl aon deallramh pearsan aige lé n-a athair: i gceannaghthaibh ná i ndeilbh.

pearsachán: *f.1.* duine neamh-mheastamhail, táir. Ar gach cuma go maidean pearsachán atá ionat, níor dheinis is ní dhéanfá focal maith do rádh ar shon dhuine ná comaoin leath-phingne do chur air: duine suarach. Pearsachán beag nár cheannuigh cáinthe tobac riamh ach ag tnúth leis gach éinne chuige: ruidín táir.

pearsanach: *a.* ag baint lé duine, scrothamhail; na tréithe aigne is an cháilidheacht i nduine a fhoillsigheas an clódh duine. Fuair sé leitir phearsanach: do féin féin. Ní túisge a chidhfeá é 'ná go dtabharfá fé ndeara gur duine pearsanach é: go bhfuil tréithe ann ná bíonn ag furmhór na ndaoine.

pearsanacht: *b.3.* clódh, déanamh, imtheacht is cuma. Pearsanacht bhreágh fir a thaithneóchadh lé héinne: deallramh, etc. Cuirim tuath ina phearsanacht: na tréithe atá ann taithnighid liom. Pé scéal é, níl aon aithne agam-sa air, is ní fheadar é, ach is maith an phearsanacht atá aige: ar amharc duit air thaithneóchadh a araidhe leat.

pearsanta: *a. n-dh.* ag baint lé duine, dathamhail, deagh-dheallramhtach; deigh-fhéachain, sciamhach. Éist, is cuir uaim do scailfhéitheann, tá aithne phearsanta agam-sa ort-sa agus is eól dom do thréithe: dlúth-eólas ar t'imtheachtaibh. Buachaill pearsanta d'aon ionad i dteannta an eólais do bheith air: dréir clóidh tá sé deallramhtach a dhóthain d'aon ionad. Bean phearsanta: mór, deagh-chúmtha, deagh-chlóidh. B'annamh leat cuma chómh pearsanta do bheith ort: deallramh taithneamhach a shásóchadh an tsúil. Nuair glaodhadh ar a ainm do sheasaimh sé amach go pearsanta: deallramh maith a dhóthain d'aon rud air do cuirfí mar chúram air.

pearsantach: *a.* deagh-chlóidh, mórtach, maordha, sciamhach. Daoine pearsantacha an dream san go léir, thabharfá fé ndeara in aon chómhluadar iad: deallramh ortha a dhealóchadh ón gcuid eile iad: ionstuimeamhla. Ar an gcuma phearsantach atá uirthi phriocfá amach as aon chruinniughadh í: sciamhach.

pearsantacht: *b.3.* sciamhamhlacht, deigh-sheasamhacht, maordhacht. Ar fhéachaint air ní deacair a bhreithniughadh go bhfuil pearsantacht fir éachtaigh aige: go bhfoillsigheann ina chlódh is ina dheallramh tréithe árda do bheith aige. Taithnigheann do phearsantacht go mór liom: do sheasamh, do dheallramh is t'imtheacht.

péas: *f.3.* meádhachtaint, truime. Péas bunóice níl ionat: nílir chómh trom léi. Péas suip ní bhfuaireas ann: meádhachtaint. Péas cleite níor fhan ann leis an méid breoidhtighe a fuair sé: ina dhiaidh bhí sé chómh héadtrom lé cleite.

peata: *f.4.* ainmhidhe mín a coimeádtar mar chompánach lé cion air; ainmhidhe (mar uan etc.) a fágtar gan baint de dheól is a leanas i bhfocair bó (go minic) ina dhiaidh san; an té is óige ar mhuirear; scríobadh an chrúiscín. Is tú peata beag do mháthar: is tú is ceanamhla aice. "Nách é an peata é", le duine gur deacair chóstáil leis gan a shlighe féin do thabhairt do nó gach aon rud do dhéanamh do chun a thola. Peata uain: ná baintear de dheól. Peata caorach (asail): a choimeádas i bhfochair bó. Peata gréine (raithnighe): leanbh toghartha. Níl aon bhaoghal ná gurb aoibhinn é, ach is baoghalach gur peata lae é: ná beidh d'aimsir bhreágh againn ach é. Peata duine is peata muice an dá pheata is measa amuigh: ní fios céaca gur deacra friotháilt air nó a shásamh. Goil, a pheata, goil, lé duine ná bíonn adhbhar ná cúis aige is a bhíonn ag ceisneamh. Mo chuid éadaigh ina pheata agam: gan aon chaitheamh ná áis agam dhá bhaint as. Dheineas féin peata dem mhac, a rian air, ní mór an mhaith chun aonnidh anois é: níor chuireas iachall air aon rud do dhéanamh: fuair sé a thoil féin i ngach nidh. Peataidhe clainne iad san .i. a gheibheas a dtoil féin is ná hiarrtar ortha puinn nó faic do dhéanamh. Peata coise atá annso agam go bhfuilim clipighthe im bheathaidh aice: go gcaithfear bheith aireach uirthi. Peata mná: bean laitighthe lé hiomad gradaim di.

peataidheacht: *b.3.* déanamh peata do thabhairt do dhuine; ceisneamh dá fheabhas déanamh do gheóbhadh duine. Fuairis peataidheacht as t'óige: friotháladh go maith ort is tugadh gach aonnidh dhuit a bhíodh uait, i dteannta do thoil féin do thabhairt duit. Nuair ná sásuigheann aon rud duine (go mórmhór leanbh) deirtear, tá peataidheacht air. Ní bheinn ag peataidheacht leat, ach má táir chun aon ruda do dhéanamh déin é: d'iarraidh tu do chur ó bhais go bais. Is amhlaidh atá san ag leigeant air ná fuil sé ar fóghnamh, níl air ach peataidheacht: dúmas ar nós an leinbh: éileamh combáidhe is cneastachta. Bainfead-sa an pheataidheacht amach as a chroidhe leis an slait seo!: an t-éileamh atá aige ar a bheith cineálta, cneasta, combáideach leis (gan ghábhadh). Bí ag peataidheacht leis is b'fhéidir go ndéanfadh rud éigin: lághach, cneasta.

peataireacht: *b.3.* déanamh peata do thabhairt nó d'éileamh; ceisneamhacht; an aiste a éiligheas cneastacht, cineáltas; friothálamh an uile thaod is teadh. Peataireacht atá uaidh sin chun ruda do dhéanamh: ionnramháil ghasta ghlic, chneasta ar pé aisteacht atá ag baint leis. Seo aon áit amháin ná faghaidh sé aon pheataireacht ach an lá ná déineann an rud a deirtear léi bata is bóthar do thabhairt di: tláithínteacht. Ní bheinn ag peataireacht a thuilleadh, deirtear lé fonn cur chun ruda i ndáiríribh nó gan foidhneamh lé n-a thuilleadh fastaomach. In ionad na máthar do bheith ag déanamh peataireachta ortha budh chóra di an tslat do thabhairt dóibh: tláithínteacht is lághaicheacht is a gceann is a gcosa do

scaoileadh leo. Lé peataireacht b'fhéidir go bhfaghfá é: lághaicheacht: gnaoi do chur air. Bí ag peataireacht leis (ar) an gcapall d'fhéachaint an ólfadh sé an deoch: ghá chuimilt, ghá bhasadh, ghá slíobadh is ag labhairt go réidh, cneasta leis. Ní haon pheataireacht an obair seo: dídeam deáideam: fastaoim. Mara an méid peataireachta do fuair sé ní bheadh sé beó indiu: cineáltas 's friothálamh. "An mbír ag obair?" – "ag peataireacht léi": d'iarraidh bheith: ar mo shuaimhneas léi (toisc gan me do bheith ró-ábalta chúiche).

peatamhail: *a.* ar nós an pheata. An leanbh is peatamhla beo, goilfidh sí ar a luighead cúise, is Éire féin ní shásóchadh í: leanbh a bhíos ag lorg tláithínteachta is grádhmhaireachta. Ní beifear ró-pheatamhail annsúd leis, caithfidh sé oibriughadh ar nós na coda eile: cineálta: aon chombáidh ní bheidh leis ach oiread lé duine.

peatamhlacht: *b.3.* déanamh mar gheóbhadh peata; aiste an pheata. Is mór go leór an pheatamhlacht í do thógaint in ucht is an leanbh eile d'fhágaint ar an úrlar: ionnramháil chneasta chun a shásughadh. Ní dhéanfair seo is ní dheánfair siúd, cad í an pheatamhlacht atá ort?: an taodacht go gcaithfear tláithínteacht do thabhairt duit.

péatar: *f.1.* meascachán de luaidhe is de stán; cuma na luaidhe air, ach is féidir a líomhadh go breágh. Árus (pionnt) péatair. Péatar an leath-choróin sin .i. déanta de phéatar: airgead bréagach. Is diamhair an chuma atá ag teacht air, beidh an lá ina phéatar fén oidhche: tuitfidh uiscidhe móra troma. Tá an t-arbhar ina phéatar tar éis na hoidhche: gan mhaith lé fliuchán. Gach aon rud (an gort etc.) ina phéatar tar éis na báistighe: fliuch, trom, deacair do shiubhal.

peic: *b.2.* árus tómhais d'earraidhibh troma, dhá ghallún, ceathramha bhuiséal. Peic phrátaidhe, mhine etc. Tá do pheic agat: do chuid.

peidhleacán: *f.1.* feithide ceathair-sciathánach, péicnídhe fada cnugacha air, é lasair-dháthach; duine dearóil i neart nó i sláinte. Níl ann anois ach ar nós an pheidhleacáin: dearóil, leice. Peidhleacán parlúis, mar bheidh sí go deo: cailín (bean) ná deineann gnóth ná cúram ach mar bheadh ina hórnáid ar fuaid an tighe. Í ina peidhleacán párluis ar an rinnce: suidhte cois an fhalla toisc ná faghadh sí páirtidhe. Chómh héadtrom lé teangmháil peidhleacáin .i. an-éadtrom ar fad.

peil: *b.2.* caid, liathróid lé n-imirt leis an gcois; an cluiche.

peileadóir: *f.3.* fear imeartha peile.

peiliúirín: *f.4.* peiliúr beag.

peiliúr: *f.3.* cúilín go mbíonn clúmh éan, cleitidhe, ruaimneach nó a leithéid palcuighthe isteach ann, mar thacaidheacht cinn i leabaidh. Cuir peiliúr fé, lé sean-bhlas nuair ná bíonn duine sásta lé n-a shuidheachán. Cogarnach pheiliúir a fuair sé ó n-a mhnaoi a athruigh a aigne inár gcoinnibh: cómhrádh leapan (adhairte). Cuiridh uaim an cogarnach peiliúir seo, cloiseadh gach éinne cad tá ar siubhal agaibh: fé leith: in uaigneas. Peiliúr

thiar is amuigh fúithi: go seascair. Nára fada ná go mbeidh peiliúr lé n-a chúl!: go mbeidh sé adhlactha.

péire: (**feidhre**) *f.4.* dís rud cosamhail lé chéile agus a ghabhas lé chéile. Péire bróg, coinínidhe, uachtar, bonn (bróg), biorán cnotála, cruidhte (capall etc.). Caithfead aire do thabhairt dom bhrógaibh níl an dara péire agam: péire breise. Péire stocaidhe.

péire: *f.4.* toradh go ndéantús cruinn ag caolughadh i dtreó na péice; milis sóghail lé n-itheadh.

péirse: *f.4.* tómhas faid – chúig slata go leith. Péirse ní raghainn ina fhochair sin mar nách fiú liom air é: aon fhaid: faid bheag. D'árduigh an fathach é ina ghéagaibh láidre is chaith uaidh é seacht gcéad péirse i bhfarraige!: amach ar fad fén muir. Ní raghainn i ngiorracht céad phéirse dho, tá an oiread san gráine agam air .i. ina ghoir ná ina ghaobhar: do shéanfainn in aon áit ar aon ócáid ar mo chroidhe díchill é. Gan oiread is péirse de thalamh na hÉireann agam: pioc. Péirse ar phéirse bhíomair ag cur an bhóthair dinn: go mall, cinnte.

péisteamhail: *a.* ar nós péiste, brúideamhail, salach, déistinneach. Itheann sé go péisteamhail gan náire ná béas ach bheith ag slogadh agus ag palcadh siar: gan cuma dhuineamhail. Glan thu féin is tabhair cuma an duine ort, a rud phéisteamhail: salach, barcach. Cuma phéisteamhail tagtha air ó bheith ag ól: déistinneach.

péistín: *f.4.* piast bheag; airceachán. Péistínidhe i salachar an chapaill d'oirfeadh purgóid do: piastaidhe beaga. Déanfair péistín díot féin lé biadh: craosaire beag.

piacal: *f.1.* miangus, fonn mór; dúil; guilm. Piacal chun ban air: fóis: teasbach ban: fonn mór chun bheith ina gcómhluadar nó duine aca do bheith aige mar mhnaoi. Piacal éisc ar na ceannuightheóiridhibh, thabharfaidís aon airgead air: fonn an domhain uile. Aosánaigh is mó piacal rinnce 'ná iad níl ins na seacht bparróistidhibh: is mó go bhfuil fonn ortha chuige is éileamh aca air.

piaclach: *a.* miangaiseach, dúlmhar, guilmeach, fonnmhar, dian, lorgach. Piaclach chun éisc úir mar is fada gur bhlaiseas é, agus bíonn an-dhúil agam ann, thabharfainn aon rud ar smut anois: miangaiseach: guilmeach. Ag dul in aois anois do, is é piaclach chun pósta: fonn an domhain air chuige. Ní rabhthas riamh níos piaclaighe chun tobac ná táthar toisc a ghannchúisighe atá sé: an oiread dúlach ann ná oiread lorgaireachta dhá dhéanamh air. An raibh an t-aos óg chómh piaclach riamh chun rinnce agus atáid: fonnmhar: raghaidís in aon áit agus chuirfidís aon duadh ortha féin chun é do shroichstint: cíocrach: guilmeach.

piaclacht: *b.3.* imshníomh chun ruda; guilm; cíocras; mór-fhonn; dúil. Lé piaclacht na bó chun féir ghlais do chaithfeadh sí lé haill í féin chuige: cíocras is dúil. Bíonn piaclacht chun ruda úir orm nuair bhíonn breis de rudaidhibh guirte ithte agam: dúil toisc a nuaidheachta. Sin geannc thobac anois agat is shásaimh do chuid piaclachta leis: an dúil mhairbh atá ort toisc do throscadh air. Níl an phiaclacht chéadna ar na

ceannuightheóiridhibh chun éisc toisc ná fuil an trácht thar lear air: nílid chómh dian ina dhiaidh.

pian: *f.1.* ríog tinnis, tinneas, doigh, arraing, fulang cuirp nó aigne, crádh, iomard; duadh cuirp nó aigne; duaidhnéis; pionós. Pian éigin i gcómhnaidhe air: rud éigin saoghalta ghá chrádh. Is mór an pian bheith ag feitheamh leis is gan é ag teacht: iomard incheann. Pianta nimhe amach tríom dhrom: ríoga tinnis: freangaidhe a bhuaidhreas mo chorp. An gcuireann an tsnáthad pian ort?: an ngoirtigheann sí thu? An bhean i bpian leinbh. Pianta ifrinn féin atá orm i rith na hoidhche: freangaidhe uathbhásacha tinnis. I bpéin do bháis ná mairbh éinne: sin é duaidhnéis a cuirfear ort má néir. Deireadh lé n-a piantaibh anois .i. tá sé tar éis bháis. Marbh ó phianta cnámh: dathacha. Anois, go bhfuil do thigh tógtha tá deireadh léd phianta: an t-imshníomh go léir thart. Is mór an truagh, agus is lán-mhór an té go mbíonn an pian air: an té a bhíos ag fulang. Pian orm é do chaitheamh na hoidhche amuigh gan aon tuairisc air: me fé imshníomh mhór. Buidheachas mór lé Dia tu do bheith gan pian gan diachair: gan aon rud ag buadhradh cuirp ná aigne. Cuirfidh an díolaidheacht throm so pian id bholg (goile): brathfair go dian scaramhaint leis an airgead. Ní chuireann a bpianta aon phian orm: ní ghoilleann a n-iomard orm. "Smachtuightear fós le pian ar a leabaidh é agus iomad a chnámh lé pian láidir" (Iób XXXIII. 19): iomard fulaing. "Féach ar m'anacra is ar mo phian agus maith mo pheacaidhe eile dhom" (Sailm XXV. 18): an buaidhreamh aigne is cuirp a lean é mar pheacach.

pianadh: *f.* (*-nta*) do chur péin ar, crádh, clipeadh, duaidhnéis, géir-leanamhaint, gortughadh, goilleamhaint, iomard. Ó ghualainn anuas go righe tá an lámh ghom phianadh, gach aon chnead agam i rith na hoidhche léi: duabhais cuirp: gonadh na feóla. B'fhada dhá phianadh Éire, níl iomard fén spéir ná gur cuireadh uirthi nó go dtáinig uirthi: géirleanamhaint agus fulang. Is mór an pianadh obair chruaidh go mór-mhór nuair ná beadh taithighe agat uirthi: duadh gonta. Níl teacht anuas ar an bpianadh atá fachta aige lé bliadhain, an saoghal dulta ina choinnibh ar fad: an duadh atá curtha aige air is an clampar go bhfuil gabhtha thríd aige. Nách dóigh leat-sa ná gur ghaibh na saighdiúiridhe sin trí phianadh ag troid ar bheagán bídh agus éadaigh trí shneachtadh is trí shioc: callóid chuirp. Pianadh don bhfeirmeóir an aimsir fhuar, fhliuch so: crádh agus clipeadh go bhfuil na barraidhe ag fulang. Dealg i gceann mo mhéire ná féadfainn a bhaint agus cad é pianadh atá fachta uaidh agam: céasadh agus gonadh. Is mó an pianadh a gheibhim ó chuimhneamh ná beidh an saothar so chun sástachta na ndaoine 'ná gheibhim ón obair féin: an duadh aigne ná an duadh cuirp. "An bhfuilim ghod phianadh?" ars an dochtúir is é ag lannsáil an odhair: ghod ghortughadh.

pianadóir: *f.3.* duine nó rud a phianas, a chrádhas nó a chuireas duabhais ar. Bróga ró-chumhanga iad so orm pianadóiridhe cearta .i. táid ghom chrádh is ghom ghortughadh go mór. Ó mhaidean gheal níor stadais ach ag cnáimhseán is ag tormas, maran tú an pianadóir agam: ciapuightheóir. Bíonn pianadóir sa charcar aca chun an áirighthe sin stiall do thabhairt do phríosúnaigh: duine chun duaidhnéise cuirp do chur ortha.

pianaighe: *b.4.* aiste péine, duabhaise cuirp nó incheann. Chuirfeadh sé iongadh ort a phianaighe agus atá an baillín sin ar mo chneas dá luighead é: é ag tabhairt mórán péine,

griogtha is callóide cuirp uaidh. A phianaighe bheith ag éisteacht leis ag gearán fé iomard: a ghonta: an méid a gheóbhadh sé tríot lé truagh dho. Pianaighe imshnímh bheith ar fionnraighe in ainbhfios cad bhí ag tárlachtaint do a gheóbhadh tríot: tinneas gonta.

pianaim: *b.a.* clipim, crádhaim, gonaim, goirtighim, griogaim; céasaim buaidhrimh; cuirim imshníomh, iomard, duaidhnéis ar. Is breágh sochma an aigne atá aige, ní phianann aonnidh é: ní chuireann aon rud buaidhreamh air. Pianann sé me thu bheith ag ól cé ná habraim faic: gaibheann sé tríom. Nár phianaidh Dia sinn as ár gcortha ach go maithidh dhúinn: nár bhainidh Sé cúiteamh cinn dá ndruim. Pianfaidh so ar dtúis an gearradh ach saorfaidh ó nimh é: goinfidh thu. Leig dom mo ghnóth do dhéanamh is ná pian me: ná clip me.

pianamhail: *a.* lán de phian; duaibhseach, iomardamhail, do chur péine. Na bliadhanta pianamhla a chaitheas ag gabháil den dtigh sin, ag tarrac gach cloiche dá bhfuil ann ar mo dhrom: duaibhseach: cruadhtanach. An gearradh pianamhail a chuir an lannsa géar ionam: gonta: nimhneach. An t-oileán ina áitreabh pianamhail gen riaghaltas: áit smachtuighthe is duaidhnéis do dhaoinibh a gheibhtear cionntach i gcoir.

pianmhaireacht: *b.3.* tinneasaidheacht cuirp nó aigne. Níl sí ró-dhona ar fad, ach ní fhágann san ná go bhfuil pianmhaireacht innte: freangaidhe ag síor-fhilleadh orm. Riamh ó cuireadh m'alt as (a) ionad ar athrughadh don aimsir bíonn pianmhaireacht ann: griofadach tinnis. Níor fhág riamh is ní fhágfaidh choidhche an phianmhaireacht chun an tsaoghail é: é ag déanamh tinnis do shíor do connus raghadh sé ar aghaidh nó ag fagháil duaidh na neamh-riachtanaighe. Tagann a bheatha air gan puinn pianmhaireachta: clampair phearsanta.

pianmhar: *a.* lán de phian, i bpian; do thabhairt péine. Aimsir phianmhar í seo nách féidir lé neach a cheann do chur thar doras lé fiadhantas: neamh-chompórdamhail. Ní nách iongadh is pianmhar leat é do dhéanamh toisc an leisce bheith id chnámhaibh: ró-dhuaibhseamhail. Chuaidh tairnge i mbeó i gcrúib an chapaill, tá sé bacach, ní fhéadfadh gan bheith pianmhar: do bheith ag cur tinnis is iomaird air. Gan amhras táim pianmhar indiu ná feiceann tú an t-at go léir atá im shúil: me bheith ag fulang go tinneasmhar: buaidhreamh cuirp orm.

piantach: *a.* iomardamhail, clamparach, tinneasach, buadhartha, deacair, duaibhseamhail. Cad é an rud budh phiantaighe ná fiacla do stathadh fadó sara raibh oiread eólais amuigh: tinneasaighe. Sean-pheann piantach í seo ní hé gach éinne a fhéadfadh a hionnramháil: clamparach: a thugann duadh. Droch-aimsir phiantach ná féadfá corruighe in aon áit léi: uathbhásach lé n-a holcas. Bóthar piantach gur deacair ualach trom d'iomchar air: iomardamhail. Obair shonaoideach ag duine obair phiantach ag duine eile: saoráideach, marbhthach. Cuideachta phiantach seadh thu, cad é an diabhal a bhíos ort ná fanann socair: clamprach, buadhartha. Is piantaighe an oidhche agam 'ná an lá: is mó do bhrathaim an t-iomard orm. Is piantach an scéal aige é, níl airgead aige chun dul in aon áit: cráidhte, ciapuighthe.

piara: *f.4.* duine go raibh teideal dréir oidhreachta aige suidhe i dtigh tighearnaidhe Shasana; fear mór-theidealach; fear mór-scrothaidheachta. Piaraidhe Shasana is na hÉireann. Tá súd ina phiara in bhur measc: go hárd i meas is in urraim. Budh dhóigh leat gur piara é an tslighe n-a raibh sé gabhtha is an t-imtheacht a bhí fé: duine mór-thábhachtach. Dhein piara fir de ó chuaidh sé 'on chathair: fear scrothamhail, deagh-fhéachain.

piaráit(idhe): *f.4.* foghlaidhe mara; fomhórach; eolgaiseach (ar áit etc.); long armtha chun foghla. Sin uaimh mar a gcuireadh piaráitidhthe fíon is earraidhe eile i bhfolach ann. "Dá mairidís lé ré na bpiaráitidhe (-áitidhthe) bheidís chómh bradach leó", le daoinibh a bhíos ag déanamh ganfhiosaidheacht ar iasc. Chaith piaráit ón bhFrainnc piléar ar an sean-thúr san in aimsir Neapoilean: long armtha a bhíodh ag déanamh foghla. Ná bíodh aon eagla oraibh go raghaidh sibh amudha sa chathair, tá piaráit maith in bhur bhfochair: treóraidhe eolais.

piaráitidheacht (-teacht): *b.3.* gairm nó gníomh piaráitidhe, foghlaidheacht fé arm ar bholg na mara. Is beag má tá piaráitidheacht ar siubhal anois. Deirtear gur mhór an phiaráitidheacht do Shasana is don Rúis an Pheirse d'iomghabháil gan chúis gan adhbhar: gníomh nách féidir a leath-scéal do ghabháil.

piarda: *f.4.* duine mór (tábhacht, uaisle, etc.); duine nó ainmhidhe teann, téagartha, láidir, sláinteamhail. Déanfaidh an biadh san piarda dhíot: beir it fhear chumasach aige. Piardaidhe móra eascún do gheóbhfá ar an mbannc gcéadna: éisceanna móra, troma. Piarda madra a íosfadh an oiread lé cráin mhuice: ceann mór, groidhe, cumasach. Na piardaidhe móra go mbíonn gach nidh ar a dtoil aca: iad so i gceannas nó na mór-mhaoine. Nár bh'é an t'aimiréal an piarda: mór, cumasach, tábhachtach.

piardáil: *b.3.* cuardach, d'fhéachaint go géar ar lorg ruda. Cad é an phiardáil atá tímcheall na cisteann so ort?: géar-fhéachaint. Dá mbeifeá ag piardáil go maidean ní bhfaghfá aon rud atá uait mar ná fuil sé ná a leithéid ann: ag lorg 'sag dian-chuardach: séirseáil ó thalamh. Cad tá ag piardáil amach chun na farraige uait?: ag féachaint mar bheadh d'iarraidh ruda éigin do thabhairt chun cruinnis. Is é cat na piardála é: cat a chuarduigheann árd is íseal chun foghla. Mo náire thu, ná bí ag piardáil trí fhuinneóig éinne: ag gliúcghail: ag géir-fhéachaint trí chaoraidheacht ar ghnóthaidhibh dhaoine eile. Beidh sé siúd ag piardáil ó pholl go poll, agus is iongadh liom-sa má fhágann aon rud ina dhiaidh i ngan fhios do: ag séirseáil is ag mion-chuardach.

piardálaidhe: *f.4.* séirseálaidhe; mion-chuarduightheóir. Piardálaidhe ceart é sin, gheóbhadh sé rud, bhaileóchadh sé airgead, etc. in áit ná fághfadh éinne eile faic: cuarduightheóir. An piardálaidhe úd, bhaileóchaidh sé airgead má tá sé fé chloich nó fé scairt: séirseálaidhe: duine dícheallach i dtóraidheacht ruda. Is í piardálaidhe mná is mó annso í, dá mbeadh scéal nuadh idir seo agus Corcaigh do bheadh sé aice: lorgaire ná bíonn faillightheach ag cur tuairiscidhe. Piardálaidhe madra ná beadh aon rud fé iadhadh an tighe ná gur leis é: lorgaire. Na bí id phiardálaidhe ar chúirimidhibh na ndaoine eile: de bhéas agat a bheith ag taighde is ag lorg eólais ina dtaobh.

piardálaim: *b.a. 7 n-a.* cuarduighim, séirseálaim, breithnighim go géar, loirgim go cúramach, dícheallach. Ná piardáil im sparán, nách neambéasach ataoi, cad atá uait ann?: ná bí ag gliúcghail isteach ann. Ná fág aon rud féd chuardach, piardáil ins gach aon áit: féach is loirg go dlúth. Piardáil siar ó chuaidh uait agus féach an dtabharfá aon rud fé ndeara: breithnigh go cruinn is go géar. Níl ball as so go Corcaigh ná go bpiardálfadh sé le piaclacht thobac: chuardóchadh is loirgeóchadh.

piardóg: *b.2.* iasc sliogánach dearg cosamhail leis an ngleamach ach gur mó é is go bhfuil díth na n-órdóg mór air atá ag an ngleamach; gleamach Spáinneach (dearg). Is treise go mór é mar bhiadh oiread péac air is bhíonn ar phiardóig.

piast: *b.2.* (*iol.* piastaidhe agus péisteanna) feithide beag caol talmhan gan chos gan cnámh droma; an cóiriughadh bíseach a bhíos ar na píopaidhibh i ndrig; amhailt mhór fharraige go ndéanamh an nathar nimhe; duine déistinn; duine mór-cholaidheach; galar (ar ainmhidhthibh); scrobha; scriú. Tabhair purgóid don leanbh (capall, etc.), tá piastaidhe leis: feithididhe beaga bailighthe istigh ina ghoile. Tá piast leis an ngamhain, é ag lúbarnaigh le tinneas, sínte siar chun an bháis: stróc nó pian uathbhásach. Go gcreidtear gur phiast sa ghoile is bun leis. Baintear snaidhm na péiste ar ainmhidhthibh a bhíos ar lár tinneas nuair bhíonn "piast" leo .i. incil (téip) do chur ina snaidhmeannaibh ar a mbolg ina lúbaibh chun an tinnis do ruagadh! Nuair bhíonn duine corrathónach nó rúiseach deirtear go mbíonn piast leis .i. an phiast ina ghoile ghá dhéanamh guairneánach. Beidh piast leis mara mbeidh sé ar na ráiseannaibh: tinneas má choisceann aon rud é. A rud na bpiastaidhe! seachain as mo radharc, níl righe ná rath ort chun aonnidh do dheánamh: síománaidhe: duine neamh-thapaidh, neamh-phraitineamhail. Cuirfidh an obair seo ag cur phiastaidhe uait thu! (piastaidhe tríot ...!): bainfidh sí an gar asat: tástálfaidh sí do neart go maith. Nuair las an fharraige im thímcheall thosnuigheas ag cur phiastaidhe uaim: tháinig anamhóin orm. Piastaidhe gabáiste (prátaidhe, etc.): cnathacha. Fág mo radharc, táir lán de phiastaidhibh: salach, déistinneach. D'éirigh an phiast ag deireadh an bháid is chuir farraige cháithteach anáirde san aer: ainmhidhe oll-mhór: amhailt: arrachtach. Féach air! nách é an phiast (fhir, dhuine etc.) é: contárthach! duine mór-bholgach, beathuigthe. Táir id phéist lé feóil, sin mar taoi: mór, taithigeach. Ná déin piast díot féin leis an mbiadh: ná hat: craosaire. Sid iad péisteanna an pharróiste eile ag teacht: daoine déistinneacha: ná fuil aon fháilte rómpa. Seachtmhain eile ar an bhféar san is bheadh na beithidhigh ina bpéisteannaibh: oiread aon tsóirt ionta. Aon nath ní chuirim id ghothaidhibh, níl ionta ach "ag bagairt na péiste ar an té ná feacaidh í": bagairt gan cur léi. Sid é chughainn "dochtúir na bpiast nár leighis éinne riamh": dochtúir gan mhaith. Ní fada ná go mbeir ges na piastaidhibh: marbh san uaigh. Ag cothughadh phiast: marbh. Mhaoluigh an phiast ar an scróbha (scriúdha) so, caithfear ceann eile do chur air: an feireadh bíseach a bheireas greim. Gleann na péiste: ainmhidhe mara. Creidtí fada go mbíodh piast mhongach i ngach loch a theasbáineadh í féin gach seachtmhadh bliadhain. "Dearmhadfaidh an bhrú é; beathóchaidh an phiast go milis air; ní chuimhneófar níos sia air; agus stiallfar an t-olc mar crann" (Iob XXIV. 20): cnuimh an duine: daol. "Acht piast seadh mise is ní duine, scannail na ndaoine ar mo tharcuisniughadh ag an bpobal" (Sailm XXII. 6): brúid.

piastach: (**péastach**) *a.* brúideamhail, uathbhásach, uathmhar, lán de phiastaidhibh, déistinneach, salach. “An cholainn chréachtach, bheartach, phéastach, seachtmhain tréis í dhreódhachtaint”: lán de phiastaidhibh: uathmhar lé hamharc: daoil na marbh ghá hitheadh. Tá na prátaidhe etc. piastach ón bhfliuchán go léir: ithte aca. Ná bí chómh piastach san is bheith ag alpadh gach nidh os do chómhair, ith go béasach: déistinneach. Táir piastach: salach. Cuma phiastach air, níor mhaith liom aon teangmháil do bheith agam leis: úrghránda.

piastóg: (**péisteóg**) *b.2.* péistín. Bain piastóga chun baoidhte: piastaidhe a thaighdeas sa ghainnimh. An gabáiste ina chriathar poll ag an bpiastóig: cnuig a ionnsaidheas é.

pic: *b.2.* gus reamhar, righin, róisíneach dubh nó donn-dhubh a gheibhtear as gual tar éis an geas do bhaint as. An oidhche ina pic (hcómh dubh lé pic): chómh dorcha lé tóin an phúca: dorcha amach ’samach. Dheineas mo ghéir-dhícheall, ní raibh a thuilleadh ionam ach buadhadh pic orm: go bog: bhíos i bhfad siar.

píce: *f.4.* gabhlóg iarainn dhá mbeann go gcois fhada chun féir, aoiligh, etc. do thógáil is do chaitheamh; an méid a tógfí air; seól beannach; saghas sleágha i mbarr coise (feac) adhmaid. Fág me nó cuirfead an phíce ionat!: sádhfad thu leis! Níl aon rud oireamhnach don bpiardálaidhe asail sin ach an píce!: é do sháthadh le píce. Píce aoiligh, féir, feamnaighe etc.: an méid a thógfadh sé. Is diail an píce fir é: fear an-árd, caol. An chéad leoithne gaoithe a bhéarfaidh ar an gcoca san, anuas leis, tá sé ina phíce agaibh: déanta ró-árd ró-chaol dá thímcheall. Ní haon tráthnóna chun bádóireachta é is an píce gaoithe atá ann: gaoth an-árd. Choidhche ní sheólfadh sí i gceart ná i gcóir leis an bpíce seóil atá uirthe: seól beannach ag éirghe anáirde i bhfad. In ainm Dé ná bí id sheasamh annsan id phíce ag féachaint orm-sa, déin rud éigin: id “stuipéar” árd-dhíomhaoin. Píce trí, cheithre mbeann. Bhí na pícidhe aca chun a chéile: ag troid leó. [An tagairt seo, cuireann crithniughadh ar dhuine] “Bratach na bhFranncach os chionn mo leapan is píce agam chun sáidhte” (amhrán): sleágh i mbarr feaca chun troda. Píce thighe: tigh i bhfad ró-árd mar bheadh sáipéal.

piceadh: *f.* (*-cthe*) do chur pice. Ag piceadh an bháid: ag cur pice ina siomthaidhibh chun í do bheith díon-uisce: nó ag cur tarraidh ionta.

picim: *b.a.* cuirim pic nó tarradh fé. Pic go maith an bád.

pic-thafant: *f.3.* síor-iarraidh, teann-ghríosadh, dian-lorg. Aon mhaith dhuit níl bheith ag pic-thafant air, mara dtugaidh uaidh lé n-a thoil mheanmnaigh an rud atá uait, éirigh as: bheith ag dul thar cailc i lorgaireacht. Le pic-thafant a thug sé uaidh: dian-lorg. Aon phic-thafant ní theastuigh uaidh bheith rann-pháirteach linn ag itheadh: ní mór an gríosadh ná an cuireadh a iarr sé. Ní fhéadfainn gan géilleadh nuair bhítheas ag pic-thafant orm, ag gealladh so is súd orm, fiú amháin bagairt: righin-iarratas dhá dhéanamh orm dom aindeóin.

pictiúir: (**peictiúir**) *f.3.* samhail duine, ruda, etc. dathuighthe nó tairngthe; radharc, scéimh thalmhan, farraige etc.; duine rud, etc. áluinn; aithris beó ar scéal nó eachtra;

dréacht; cosamhlacht, macasamhailt. Tógadh a phictiúir: grian-ghrafadh: clódhadh ar pháipéar a dheallramh: dathuigheadh ar anairt, etc. é. Nár leigidh Dia dhom an pictiúir! (seanbhlas): a (do etc.) thairbhe go bhfaighead, tá sé chómh breágh san (searbhas). "Raghad go B'l'Ath Cliath" – "ó! go dtéighir, mhuis, is breágh an pictiúir do dhéanfá dá shráideannaibh!": budh mhaise don áit do shamhail! Dá mbeadh duine is droich-íde air ón aimsir, é bheith salach nó ionnramhálta go holc, déarfí "is deas an pictiúir é!" Sin pictiúir díom, bíodh agat: mo shamhail clóidhte ag gléas peictiúiridhe nó dathuighthe ag dualaidhe. Is tu pictiúir t'athar: t'athair ina chrutaon nó aithbhreith. Bíonn sé ag tarrac pheictiúiridhe: gléas grian-ghrafaidh aige ag clódhadh samhail. Is iad peictiúiridhe na gorta iad: tá rian an ocrais go soiléir ortha. Is í an pictiúir í: bean áluinn. Téighimís chun na bpeictiúiridhe (reatha) .i. mara dteasbáintear gluaiseacht rudaidhe ar scannán mar bhíd go nádúrtha – corruighe beathadhach, an fharraige, rudaidhe ar luascadh le gaoith, gluaiseacht inneallraidh, etc. etc. Cuireann scríobhnóir maith peictiúiridhe os chómhair na haigne: an tagairt nó an trácht a déintear ar nidhthibh is ar chúrsaidhibh bíd go léir ag an aigne. As an méid atá ráidhte agat, tá a pheictiúir agam: a chlódh im aigne. Gaibh amach is déin rud éigin duit féin, tá peictiúiridhe ar do loirgnibh ón dteine: iad breac: mar bheadh dréachtáin tairngthe ortha.

pighe: *f.4.* (*-eanna*) feóil, toradh, etc. a bácáltar i méis fé chlúid. Bean (tigh) na bpigheann. "An pighe nó postae a ndéanfair de?" deirtear le duine go mbíonn groga ann (idir dhá chómhairle) rud do dhéanamh, cárta áirighthe do chaitheamh nó gan, etc., etc.

pilbín: *f.4.* feic **pilibín**

píle: *f.4.* aon rud toirteamhail, cnocán, sluagh, leath-amadán.
"Bíonn dreanncaididhe móra dhá gciapadh
ag dreanncaidhibh bídeacha do shíor,
agus fós bíonn an ciapaidhe ina chiapán
ag ciapaidhe níos bídighe airís;
is mar sin de ó phíle (phílidhe) go frighdín
is ón mídín don smíste dá mhéid,
níl dreanncaide sa tsaoghal so dhá chiapadh
ná bíonn ina chiapaidhe é féin:
bíonn tóir ag mion-dreanncaidhe móra
ar an ndreanncaidhe is mór agus méith
agus tóir ag an dtórán i gcómhnaidhe
ar thóraidhe níos mó 'ná é féin:
is mar sin de ó cheólán go pleóta
is ón móirín go ró-mhór gan bhréig
níl tóraidhe dhá dtóruigheann a thórán
gan tóraidhe ghá thóraidheacht féin."
"Is fearr gamhnach cáirt bhainne ná píle seacht bpúnt": dá luighead eallach bheadh ag duine budh mhuinghine dho bheith ag brath ortha ná dul i leith iascaigh, ná fuil ann ach fiúntar. Píle fir go raibh neart capaill ina ghéagaibh is ina dhrom: fear mór, groidhe, cumasach. Na daoine ag teacht is ag imtheacht sa tsiopa ina bpíle go mbeadh iongadh ort. Connus b'fhéidir friotháilt ortha go léir: na sluaighte. Píle asail, is ní hiongadh dho é, is

iomdha greim maith dulta ina bholg: fámaire asail. Píle mór éisc tar éis an lae: clais. Ní scarfadh éinne leis an gcapall breágh úd dá mhéid é a chuid airgid ach píle corónta: leath-amadán, duine bog.

pileáil: *b.3.* d'éirghe as an uisce (iasc) ag tabhairt fé chuileannaibh, d'éirghe is d'iomlosc in uachtar uisce. An maircréal ag pileáil ins an líon: ag corruighe is ag déanamh glóir lé n-a earball.

piléar: *f.1.* urchar as ghunna, an liathróid a caithtear as ghunna mór. B'fhearr dul i gcogadh na bpiléar 'ná bheith ag bruic leó: aghaidh do thabhairt ar chogadh dhearg, ar aon chonntabhairt, etc. Seachain an piléar: fan as chogadh. Chuirfeadh san piléar ionat chómh tapaidh is bheannóchadh sé dhuit .i. tá marbhadh duine air. Tháinig an raiste ceatha orainn in aon philéar amháin: go hobann. D'fhuilngeóchainn an piléar ar dtúis ionam sara ndéanfainn do dhíth: b'fhearr liom me do lámhach. Táim ar an bpiléar déidheannach anois, mara n-éirighidh liom tá thiar orm: sid í m'iarracht dheiridh: níl aon chao eile agam. "Cuir an piléar ann", deirtear lé droch-ainmhidhe nách aon mhaith é. Tabhair dom piléar ar an ngunna san: leig dom urchar do chaitheamh leis. Ag déanamh philéar: lón cogaidh: urchair etc.

piléar: *f.1.* uaithne, colamhain, carrthadh; bolc árdsaoireachta i dtaca suaidh nó fárdorais nó ar thaobh geata, colbha leachta; duine nó rud mór, taithigeach. An t-amadán ina philéar ó ólachán: borrtha amach, atuighthe. "Agus d'éirigh Iacób go moch ar maidin agus do thóg an chloch do chur sé mar adhairt agus do chuir suas í mar philéar (uaithne) agus do dhoirt ola ar a mullach" (Gen. XXVIII. 18): stacán árd. Tóg dhá philéar mhaithe ar dhá thaobh na teineadh: dhá adharta. Ná corruigh as san, fan id philéar ann mar sheódh ag an bparróiste: id sheasamh go díomhaoin.

pílear: *f.1.* connstábla (lé Sasana). Cá bhfuil an pílear críonna indiu?: ceann an tighe nó an té is sine nó is ceap le haon rud. Rugadh ar bpílear críonna (duine, ainmhidhe etc.): budh phríomhaidhe ar an líon. Is é an pílear críonna i gceart é: ní haon dóighthín é: duine gur deacair a shárughadh. Ní hí an cailín in ao'chor ná fuil toilteanach lé me do phósadh, ach an pílear críonna a máthair ná fuil: an té go bhfuil an focal déidheannach aice.

pilib: (**plib**) *f. n-dh.* ainm duine, ainm do dhuine gan mhaith. Go lá Philib an chleite dá mbeithí ghá mhúineadh ní fhoghlumóchadh an ceann cipín sin faic: lá dheiridh an domhain. Cá bhfuil Pilib (Plib) uainn?: an duine ná fuil puinn measa againn air as a dheallramh [cuireann an focal i gcuimhne duine caol, neamh-ghusach, neamh-anamamhail]. Gach aon phoc-léim aige mar bheadh ag pilib an gheitire tímcheall solais: feithid go bpéicínidhibh gearra agus cosa deiridhe fada, láidre, ionnas gur féidir léimeacha móra do dhéanamh, agus déineann glór géar treithearach, lé cuimilt na sciathán tosaigh leis na cosaibh deiridh. Ag imtheacht mar bheadh pilib an gheitire: ag síor-ghluaiseacht gan sos in aon áit. Plib (plibín): tair-ainm ar an mbod, etc.

pilibín: *f.4.* Pilib beag (óg), aon rud beag, suarach, an bod ina mharbh, éan fad-chosach, lapadála a ghnáthuigheas curraidhthe. Pilibín míog: an ceann go mbíonn an straicín siar as a chnuga, is go mbíonn an scread uaigneach aige. Cleas an philibín mhíog: ag cur

dhuine amudha mar dhéanfadh an t-éan lé n-a scread. Ní mór an mhaith ina philibín: bheith gan beart 'e cheal éirighthe.

pilibre: *f.4.* rud beag, rud marbhánta. As mo shlighe, a philibre, ní lugha liom an sughadh 'ná bheith ag féachaint ort lé neamhphraitineamhlacht. Pilibirínidhe (beaga) breac atá san abhainn seo, ní fiú a n-iascach: rudaidhe beaga suaracha. Pilibre eascún, uain, uibh etc.

pilibireáil: *4.3.* síománaidheacht; gliúmáil gan éifeacht; teangmháil gan bhun. Ní shásóchadh do chuid pilibireála mise mar shaor, teastuigheann freastal ceart uaim: iarracht gan mhaith: suburcáil. In ionad bheith ag pilibireáil leis na maididhibh sin rámhaidh leó: ag gliúmáil: áis gan éifeacht. Pilibireáil tímcheall an tighe, sin a ndéineann sé: giúrnáil nách féidir obair do thabhairt uirthi.

peilséar: *f.1.* saghas éisc, mór-ghainneach cosamhail leis an scadán.

pingin: (**pinginn**) *f.2.* bonn práis, (créadh-umha), an dara cuid déag de scilling, airgead, cáin, luach etc. Is maith an phingin airgid a chosain na bróga san ort ón ndeallramh atá ortha: suim mhaith. Connus a fhéadfainn íoc as is gan pingin im cheirt (spaga): gan aon airgead agam. Pingnidhe Pheadair: an cháin a híoctar leis an bPápa, bailiughadh ag an eaglais do. Má chuarduigheas ní bhfuaireas oiread agus pingin ruadh ar thóin mo phóca: aon tsaghas airgid dá luighead. Ceannóchaidh sé an áit, tá na pingnidhe aige: a dhóthain airgid. Fuairis luach do phingne an lá cheannuighis an ball san: do rinnis margadh maith: níor mealladh thu. Pingnidhe fuara, fánacha a thuilleann sé: tuarastal suarach anois agus airís. Sin iad na pingnidhe fáin atá amuigh aige: fiacha scaipighthe gan puinn dul ar a mbailiughadh. Fuaireas pingnidhe miona a chuir lé n-a chéile an tsuim a bhí uaim: mion-airgead .i. mar airgead ruadh, réalacha etc. Sin iad na pingnidhe fuara a thuill sé: beagán anois agus airís. Chrochfadh sé i ngioll (geall) le pingin ruadh thu: ar son: é an-sprionnlaithe. Fear na pingne an fear: an é go mbíonn an t-airgead aige gheibheann sé an earra roim fhear na hiasachta. Coimeád na pingne cailleamhaint na scillinge (breith na pingne/ cailleamhaint na scillinge): ag tormas i dtaobh chostais bhig, ag cailleamhaint fí dheóidh mar gheall air. Tabhair aire don bpingin, is tabharfaidh an púnt aire dho féin: ná caithtear mion-airgead go hait is tiocfaidh chun suime. "Agus tar éis réidhtighthe leis an lucht oibre ar phingin sa ló do chuir sé 'on fhíneamhain iad" (Matha XX. 2): an méid sin tuarastail. Sin rud ná fuairtheas ar phingin: a chosain cuid mhaith. "Agus d'fhreagair Pilib do, ní leór dóibh luach dhá chead phingin d'aránaibh go nglacfadh gach aon aca beagán" (Eón VI. 7). Cá bhfuil do phingin?: teasbáin do chuid airgid sara bhfaghair an earra. Má thá sé pingnidhe daor féin is fiú san é i bhfaid na slighe: árd i luach. Bíonn na pingnidhe póca i gcómhnaidhe aige: airgead so-láimhe. Má tá airgead aige, sin iad pingnidhe na fuaire: an fíor-bheagán. Gan pingin fé ná tharais thugas an méid sin air: sin é an luach go beacht. "Gach aon rud chun na pingne", deirtear lé cruinneas saothair chun airgid do dhéanamh. Mo phingnidhe leachta: gan aon bhailightheacht ortha: fiacha amuigh i ngach treó agam. Sa phingin atá an milleadh: i ndéanamh an airgid nó ins an gclampar trí dhúil ann a leanas é atá an duadh is an crádh. "Ag taisce na pingne ag cur amudha na scillinge" .i. ag coimeád na pingne etc., cnuaisciúnach ar rudaidhibh suaracha, laimhthighiseach: ar rudaidhibh tábhachtacha. Pingnidhe: líon nó áirighthe dhíobh. Tá pingin ar an mbórd: scata, ach sé pingne réal: lé chéile. Pingin tómhais: a meádhachtaint. Pingin (ruadh) ní

thabharfainn ort chun amhráin: is beag mo mheas ar do ghuth. Pingin ar phingin do bhailigh sí an spré: go dícheallach. Díol amach me pingin ar phingin: gach a bhfuil ag teacht chugham. An áit go mbeadh an phingin mhacánta lé déanamh bheadh sé ann: dúthracht chun maireachtana. Cuir do phingin i dtaisce: oirfidh sí: ná caith í gan riachtanas. Níl pingin istigh ná amuigh ann: aon déanamh airgid. I dtreis pingne budh chuma liom: maidir lé caitheamh nó scaramhaint lé beagán airgid ní dhéanfainn gleódh dhe. Ní déanamh pingne do bheith ag obair dóibh: is in aiste atá sé aca. Pingin, págh, ná punann ní bhfuair sé riamh de bharr a shaothair: díolaidheacht ná cúiteamh ar bith. B'fhéidir do bheith macánta, ach pingin ní bheadh sé chun deiridh leat .i. ní chaillfeadh sé faic lé duine. Is maith an rud an maircréal do theacht bíonn pingnidhe reatha ar siubhal: airgead ag gabháil tímcheall.

pinniúir: *f.3.* binn (beann) tighe; ceann tighe; ceann-ródaidhe. Is díomhaoin do chaithid a saoghal, a ndrom le pinniúir aca: ina scaoinsidhibh leisceamhla, drom lé falla. Dá mbeadh pinniúir an tighe istigh b'fhada mar phaiste air mise d'eiteach: ceann.

pinnse: *b.2.* an oiread agus is féidir do thógaint idir an órdóig agus an mhéar spáin; fotharaga; deifir. Pinnse shalainn, phlúir, thé, mhíne, etc. etc.: blúire beag. Pinnse ní thabharfainn ort: pingin ruadh, faic. Caith pinnse snaoise liom. Caith pinnse shalainn ar an iasc san sara n-ionntrálann sé: ádhbhar de. Nách mór an phinnse atá ort ná suidhfeadh is cuideachta do dhéanamh dúinn: deifir. Pinnse ag cuibhreach arbhair ortha, tá an tráthnóna ag boirbiughadh (ag dul ar bun): broid: ag obair i ndeireadh an anama. Dá mbeadh aon phinnse air bheadh sé annso fadó: fonn chun ruda do dhéanamh. Dá mbeireadh an phinnse ort b'shiúd é an fear a fhóirfeadh ort: cruadhtan: bheith i ndraip. Ní mór an mhaith é ach go ndéanfadh sé an bheart lé pinnse: lé deabhadh is gan malairt dul suas ag duine. Le linn na pinnse ná tagadh aon líonrith ort: i ndraip: i gcruadhtan.

pinnseach: *a.* beannach, géar. Carraig phinnseach ná féadfá dul ina barra: géar, caol, árd.

pinnsil: *b.2.* cloichín éadtrom, leicín. Ní pinnsilidhe (cloch) a thógfadh falla: leicínidhe. Cuir pinnsil fén gcloich sin chun leapan do dhéanamh di: spalla: cloch thanaidhe.

pinnsileáil: *b.3.* gliúmáil oibre, saoirseacht lé clochaibh beaga. Cuir uaim an phinnsileáil is tóg an bheárna i gceart: cuir clocha taithigeacha innte. Níl ann anois ag an aois ach go ndéanfadh sé pinnsileáil tímcheall an tighe: mion-obair. Riamh níor dhein sé aonnidh i gceart ach an phinnsileáil: útamáil bheag gan deallramh.

pinnsileálaidhe: *f.4.* gliúmálaidhe. Pinnsileálaidhe ná beifeá ag bruic leis ar a mhoille is a bhacaighe oibrigheann sé: duine gan aon chríochnughadh. Choidhche ní dhéanfair ach pinnsileálaidhe: duine ná féadfadh slacht do chur ar aon rud.

píob: (**píb**) *b.2.* píopa, feadán; úirlis ceóil i bhfeirm feadáin go mbaintear nótaidhe aiste ar luighe leis na méireannaibh ar na pollaibh innte is go bhfuascaltar an t-aer as mhála cuibhrighthe dhi; an brágha, an muineál, scórnach. "A píob mar an eala is a mala mar bhláth na n-ubhall": cneas a muiníl chómh geal agus chómh líomhta, leabhair. Ar nós mhála na píbe ní sheinneann sé go mbíonn a bholg lán: gan biadh gan obair. A bhean, is

breágh í do phíob muiníl: muineál áluinn, fada. Mara n-éisteóchair cuirfead cor (casadh) id phíb (i bpíob do mhuiníl!): tachtfad thu. Ní raibh focal dá ndubhairt sé ná gur cuireadh siar síos ina phíb: ná gur bréagnuigheadh ann é. Toit! arsa píob an rothair nuair cuireadh goin innte: do leig an feadán gaoithe glór obann. Tá mealladh ina phíobaidhibh (ceóil): seinneann go hiongtach ar an bpíb. Tá sé ar an bport déidheannach 'na phíb anois: ag tarrac na hanáile nó níl a thuilleadh ann (ar a chumas a dhéanta). Is iomdha port id phíb, a chladhaire: táir tuillte de chleasaibh. Go stadaidh an biadh id phíb maran ort atá an airc!: id scórnaigh. "Tuilleadh eile fós, na nidhthe gan anam a ghní fuaim más píob nó cláirseach etc." (1. Coir. XIV. 7). "...ag teacht anuas ón áit aoird maille le saltair agus le tabúir agus lé píb agus lé cláirsigh rómpa; agus do dhéanfaidh fáidheóireacht" (i. Sam. X. 5) .i. ceól na píbe: píobaireacht.

píobaim: *b. n-a.* seinnim ar phíb. Píobaidh leat, ní thabharfaidh neach tor annso ort: bí ag déanamh guil is gearáin.

píobaire: *f.4.* duine a sheimeas ar an bpíb; a bhíos ag gol, ag síor-chnáimhseán nó ag cainnt os árd go maoidhteach blomasach. Bannc an phíobaire: bannc (sa bhfarraige) a ghníos glór cómhshnámhach cómhnaidhtheach mar bheadh dórd píbe in achar. Na píobairidhe (píopairidhe): stacáin charraigeacha lasmuigh de Bhéara go mbíonn síor-dhórd aca. Seo chughainn thu airís, a phíobaire an aon phuirt, táimíd bodhar, cráidhte ag an scéal céadna uait: duine ná téigheann lag air ach ag síor-thagairt don rud chéadna nó droich-cheóltóir. Éist, a phíobaire, táimíd tuirseach dhíot: duine a bhíos ag síor-chainnt agus ós árd. Ní don bhfear íseal téagartha atá mo thagaireacht in ao'chor ach do phíobaire fir: fear árd, caol. Is geall lé píobaire gan dos thu chun oibre .i. píobaire go mbeadh easnamh cinn des na príomh-fheadánaibh air .i. duine gan mhaith. Píobaire na gruaige .i. píobaire go mbíodh folt fada air is go raibh cáil mhór meallta ban air. Bearraidh! a phíobaire na gruaige: duine go mbíonn scoth fhada gruaige air. Thairng sé píobaire mór (buidéil) beathuisce aníos as a phóca: buidéal fad-scrogallach. Píobaire pípe ina bhéal aige go raibh faid an lae ambáirigh de chois innte: iongtas pípe. Cad tá ón bpíobaire leinbh sin?: a bhíos ag gol is ag béicigh lé peataireacht. Chómh héagconnta lé píobaire fraoigh: pilib an gheitire: rúiseach, gan sos ná lonnughadh aon áit air.

píobaireacht: *b.3.* seimint ar an bpíb; gleódh-chainnt; fadálacht; lógóireacht is tormas leinbh. "Ní hé do chuid píobaireachta" ar sise leis, "do mheallfadh mise": cainnt mhór is mogaill fholamha. Ó mhaidin gheal indiu níor stad an leanbh san de phíobaireacht: ag gol 'sag tormas 'sag lorg. Tabharfaidh sé an lá ag píobaireacht ná déarfadh duine éigin muinnteartha leis éisteacht: ag cainnt is gan mórán fuaimeanta leis. An phíobaireacht a bhí aige cad a dhéanfadh is ná déanfadh sé: an scórnaghal-bhrághad: scailfhéitheann. Mise an fear ná beadh i bhfad ag cur do chuid píobaireachta id mhála: ghod chur in éisteacht. "Agus tháinig an pobal uile aníos ina dhiaidh, agus do bhí an pobal ag píobaireacht lé píobaidhibh agus do rinneadar sólás maille lé gáirdeachas mór ionnus gur scoilt an talamh lé na bhfuaim" (1. Ríoghtha I. 40). Ceól píobaireachta is fearr aige: mórán cainnte beagán saothair. Cuirfir chun píobaireachta é má bhír ag áiteamh air: cromfaidh ar mhór-chuid gleóidh do dhéanamh. Cuirfidh do mháthair ag píobaireacht thu, a leinbh, mar a stadair: buailfidh sí thu is beir ag gol. An phíobaireacht a bhíonn aige i dtaobh poilitidheachta (cogaidh etc.): iomad cainnte.

píobán: *f.1.* feadán beag, an scórnach, an diúch. An píobán garbh: mar a ngaibheann an anál. An píobán réidh, mar a ngaibheann an biadh. Ná beir ar phíobán mar sin ar dhuine: tabhair eaga dho: ná tair geairrid. Rug an bás ar phíobán air: d'éag sé go hobann. Ná bí ag dul im phíobán-sa mar gheall air, mar ná fuil cúis ná adhbhar chugham: ag breith ar scórnaigh orm: bheith sa mhullach orm ina thaobh. Do luigh sé ar phíobán air!: do thacht sé é. Tá píobán aige má tá sé ag aon fhear bán: muineál fada nó mórchuid cainnte. Ubhall an phíobáin (rug sé ar u. píobáin orm): an mheall atá ins an scórnaigh. Píobán ganndail aige: muineál an-fhada.

piobar: *f.1.* tarsann (ionmhar) géar, cumhra go mblas milis. Ó chaor an phlannda piobair a gheibhtear é: figh, fústar, deifir, nimh. Pinnse phiobair ar an anbhruithe. Beidh piobar ina thóin ag imtheacht do mara n-imthighidh sé fé shíotcháin: teann deabhaidh air (mar bheadh ar ainmhidhe go gcuirfí an piobar fén áit sin aige). Piobar oibre orm d'fhonn bheith réidh ar an sprioc-lá: saothar is deabhadh thar meódhan. Chuireamair dínn abhaile agus piobar orainn nuair bhraitheamair oidhche ag gluasughadh: deabhadh ár gcroidhe agus imshníomh. Níl an oiread san piobair orm ná gur féidir liom lá díomhaoin do bheith agam: gabhtha chómh mór san ag déine oibre. "Tá an iomarca piobair ar an ngloine sin taobh leat": nimh. Deirtear go ndubharthas so lé Dómhnall Ó Conaill, dhá chur ar a shúilibh gan í d'ól. Cad é an piobar atá ort ná suidhfeadh in áit éigin: rúiseacht. Cuirfidh an deoch san piobar ort: músclóchaidh sí thu: cuirfidh an fhuil ag rith ionat.

píobarnach: (**píoparnach**) *b.2.* múchadh is tarrac suas; srannán, geócáltacht. Chloisfeá píobarnach aige nuair bhíonn ag tarrac a anáile: glór feadghala ina ghuth. An stadfaidh sé de phíobarnaigh choidhche?: de dhéanamh gleóidh cnáimhseáin.

pioc: *f. n-dh.* blúire, dada, luid, blodh. Pioc in ao'chor níor thárlaidh dho dá aoirde an tuiteam a fuair sé: faic: a luighead mácháile nó goirtighthe. Pioc ní bhfaghainn uatha dá mbeinn ag fagháil bháis annsúd leis an ngorta: greim bídh. Chómh cruaidh lé hiarann gan pioc air: lom, fuinneamhail, gan feóil. Níl aon phioc díom ná go mbrathaim tinn tar éis imeartha an lae indé: mo chorp ar fad is mo chnámha. Is maith atá a fhios agat cad mheádhaim, is beag pioc dá mhearbhall ort: aon rian dearmhaid níl ina thaobh ort. Pioc díom ní chorruigh (cos ná lámh): aon chor ní chuirfead díom féin as an áit seo: faic ní dhéanfad. Ná bí ag gearán, do scarais go maith leis, níl pioc a mhaireas (a bharra = dá bharra) ort: an rianán is lugha. An bhfuil faitchíos ort ná pioc? a luighead faitchís. Dá shaidhbhre bhí sé tamall níl pioc anois aige .i. é bocht, dealbh. An bhfaghad pioc? aon rian, blúire, etc. in ao'chor? Ní dhéanfaidh deoch nó dhó pioc a mhaireas (a bharra = dá bharra) leat: díoghbháil ar bith. Ní fhágfaidh an cogadh pioc againn: aon dada d'aon rud. Pioc eile ní dhéanfad (raghad, etc.) indiu .i. táim réidh leis. Pioc níl id choinnibh agam-sa: milleán ná cúis níl agam ort. Nílir pioc ina dhiaidh: ar cóimhrian leis. Pioc fé n-a bhun ná ós a chionn: cómh-aoirde: cómh-tharrac: ionann i gcéim. Pioc dá chuid níl agam: aon rud leis.

piocachán: (**priocachán**) *f.1.* blaistínteacht; an oiread is b'fhéidir d'fhuighleach do bhaint de chnámh nó d'aonnidh eile; an bailiúchán san. Na luchaigh ag piocachán ar an leabhar gur laiteadar é: ag creimeadh air: ag baint blúirín ar bhlúirín as. Caith an cnámh

san chun an mhadra, b'fhéidir go bhfaghadh sé piocachán air: fuighleach beag feóla. Is í an chaol-chuid an piocachán a bhíos lé fagháil ag ainmhidhthibh ar an dtalamh: an fuighleach féir a fhanas. Má tá an tsuim mhór airgid sin aige ní holc an piocachán a dhein sé ar a ghiorracht a bhí sé ann: an bailiúchán: cnuasach, díoghluim: deascán.

piocadh: (**priocadh**) *f.* (*-ctha*) do bhailiughadh ina chuid is ina chuid, do chnuasach, do thoghadh; do bhaint as a chéile leis na méireanntaibh; do pholladh go héadtrom lé úirlis ghéir. Cheap sé ná raibh aige ach an t-airgead do phiocadh des na sráideannaibh ann .i. ná beadh mór-dhuadh air airgead do dhéanamh is do chur lé chéile. Chómh hiomadamhail sin ann, ná fuil agat ach é do phiocadh: do bhailiughadh chughat. Ní fhéadfá gan bheith ag piocadh ar an madra san, béarfaidh sé ort: bheith ghá chiapadh lé bheith ag baint miotóg as, is mar sin. Sin é, bí ag piocadh orm-sa i gcómhnaidhe: ghom ghríosadh: ag fagháil lochta orm: ag gabháil díom. Piocadh deilge a chuaidh im mhéir gur at sí: sáthadh beag. Níl piocadh bioráin ort: oiread de rian is d'fhágfadh barra bioráin. Ag piocadh na bhfear i gcómhair an chluiche: ghá dtoghadh go haireach. Ag piocadh ubhall: ghá mbaint den gcrann. Ag piocadh na gcártaidhe chuige féin: ag déanamh ganfhiosaidheachta ar an gcuid is fearr aca. Seachain tu féin air sin, bheadh sé ag piocadh uait: ag bailiughadh feasa agus eólais uait go cliste. Ag piocadh do chuid airgid uait atáid ó chuadhais ina measc: ag teacht air go glic, cúthail, cliste. Ná bí ag piocadh t'fhiacal os chómhair na ndaoine: ag baint rian bídh uatha. Ag piocadh phócaidhe is mó chaith sé a shaoghal: ag tógaint airgid asta i nganfhios. Cuirfear ag piocadh barraigh thu má beirtear ag goid ort .i. isteach 'on charcar.

piocadóir: (**priocaire**) *f.3.* duine a phiocas. Piocadóir pócaidhe: duine a dheineas a shlighe bheatha ar bheith ag goid airgid as phócaidhibh is sparánaibh. Piocadóir maith meangán seadh thu: tapaidh, pras chun a mbailighthe. Níl máighistir an mhadra mar phiocadóir cnámh: chun a lomtha.

piocaim: *b.a.* lomaim, nochtaim, bailighim, stathaim, giobaim, sladaim. Phiocfadh sé an dá shúil (na súile) amach as do cheann dá ndéarfá aonnidh i gcoinnibh an uachtaráin: ní fios cad dhéanfadh leat. Pioc na cártaidhe chughat féin mar is gnáthach leat (leis an ndéantóir): toigh iad. Ní phiocfadh an dligheadóir is cliste a tháinig riamh aon fhios air uaidh: ní bhfaghadh as, dá mhéid clisteacht a himreófí air. Oidhche chómh dorcha lé tóin a phúca is díle bháistighe ann leis gach aon splannc do lasadh an spéir, go bpiocfá biorán (an frighe) den dtalamh: go bhfeicfeá lé tógaint é. Pioc-sa gé is piocfad-sa gé: goid-se ceann is bogfaidh san an scéal dom-sa chun cinn do ghoid: bhris-se an leac oighir dómh-sa. Pioc an chuid is reimhre des na hubhlaibh: toigh iad: breithnigh go haireach iad is tóg mar tuigtear duit. Phioc sé leis ar fhéad sé: d'árduigh leis. Phiocadh sé na cártaidhe chuige féin ar fheabhas a bhídís aige: thogadh i nganfhios iad. Ná pioc na sméara dubha, an duileasc gearra; na meangáin mhiona: ná tóg, staith, bailigh, etc. Ná pioc a phingnidhe ón leanbh: ná meall. An t-ólachán a phiocfadh an t-airgead uait: a bhaileóchadh leis é ina chuid 's ina chuid.

piocaireacht: (**priocaireacht**) *b.3.* giobadh, deascadh, toghadh, "chuaidh is uaidh"; blaistínteacht; greabhscáil, miondráil, miotaireacht. Piocaireacht bheag gan éifeacht atá ag an nduine mbreóidhte ar an mbiadh: blaistínteacht air: giobadh beag. Cad é an

phiocaireacht atá agat ar an bhfeóil ach blúire maith dhi do thógaint ar do ghabhlán: blúiridheacha beaga sa turus. Ha, há, a bhuachaill, ná bí ag piocaireacht ar na cailínidhe: ag cur do lámh ortha is ag gleáchas ortha. Ag piocaireacht le sluasaid (rainn): ag obair go héadrom léi. Ní mór a bhfuil lé fagháil ges na buaibh ar an ngort ach piocaireacht annso is annsúd: fo-ghreim.

piocal: (**picil**) *f.1.* $_{7}$ *b.5.* leaghachán salainn is uisce, etc., chun éisc, feóla etc. do bhuanughadh gan loghadh; draip, cruadhtan, aimléis. Ag cur picealach ar an iasc. Níor mhór do aith-phicil chun a coimeádta ina cheart. Tá an lá ina phicil: báisteach throm ag tuiteam gan stad. Táim i bpiocal anois, is ní fios dom cad dhéanfad: in aimléis: i ndraip: i bhfíor-chruadhtan.

piocanta: *a. n-dh.* gabhtha go gleóidhte, piocuighthe, giobanta, néata, gasta. Chómh piocanta tímcheall an tighe bíonn sí is dá mbudh ag dul ghá pósadh nó ar aonach do bheadh sí: gléasta, cóirighthe. Ní haon náire dho gabháil amach ameasc na ndaoine is é a bhíonn go piocanta gabhtha: a chuid éadaigh cóirighthe go néata air.

píochán: *f.1.* an poillín sa chneas; deóir alluis. Ní raibh píochán ionam ná go raibh deóir alluis leis: brat alluis ar mo chorp. Sin í an obair a bhainfeadh píocháin as do ghruadh: allus.

píochán: *f.1.* ceóchán, ciach(án); feadán scórnaighe. Focal ní thuigfinn uaidh lé píochán ort, bail ó Dhia ort: sciúch mhaith chainnte agat. Ní bheinn ag cur píocháin orm féin leat: ag caitheamh mo chainnte leat.

píochánach: *a.* ceóchánach, ciachmhar. A rud phíochánaigh, éist, mar ná tuigeann neach focal uait: múchta i gcainnt mar bheadh tarrac suas ann geócálta.

piocóid: *b.2.* úirlis go dhá mbior is cos ann, chun taighde is briste na talmhan. D'oibrigheas go cruaidh lém linn, ar an bpiocóid i Mearaice: is uirthi a thugas furmhór mo shaoghail: ag taighde i sráideannaibh, i gcairéalaibh, etc. An bheart bhreágh a bhí aige chaill sé leis an ólachán í, anois téigheadh sé ar an bpiocóid: an obair sclábhaidheachta is lugha meas amuigh uirthi.

pioctha: *a.r.* toghtha, péactha, staithte, bailighthe, giobtha; gasta, niamhair, greanta, snasta. Maith an aire thugann sé dá phearsain, is é a bhíonn go pioctha, budh thaithneamhach leat amharc air: glan bearrtha, scuabtha, cíortha. Áit an-dhealbh ó iasc anois é, ní fhéadfadh gan bheith is an clogadh atá fachta ós na báid aige, budh cheart go mbeadh sé chómh pioctha léd bhais: scriosta. Níor stadadar de bheith ag fuadach go raibh deireadh na n-ubhall pioctha aca: staithte. Fir phioctha iad san uile, budh cheart go dtabharfaidís seasamh maith uatha: toghtha. Tar éis an lae indiu ní rabhas chómh pioctha maidir lém phóca: mo chuid airgid caithte nó imthighthe ar dhroich-chrích uaim. "Dá mbeadh na súile pioctha as ní fheicfeadh sé é", níl duine a dhéanfadh tagairt do rud a chidhfeadh sé is nár cheart do. "Is maith pioctha atáthaoi i bhfochair a chéile", lé dream a oireas dá chéile go corónta. Lé duine a thugas sár-iarracht ar a bheith gleóidhte, canta, in-bhreithnighthe ina dheallramh. "Nách (maith) árd atá an cúl pioctha aige": cóirighthe: go

cruinn éadaigh. Cailín ciallmhar pioctha, sioscanta: gach rud a bhaineas lé n-a gabháil go críochnamhail, snasta. "Táim lom-phioctha anois nó riamh", deir duine nuair bhíonn an chuid dhéidheannach imthighthe uaidh. Is é chómh pioctha lé máighistir rinnce: ina dheallramh pearsanta is ina chuid éadaigh cuma shioscanta tugtha air.

piocuightheacht: *b.3.* slachtmhaire clóidh, imtheachta is gabhála; toghacht, etc. A phiocuightheacht is bhí an gormán ag dul dhá phósadh do: rian na hiarrachta ar é bheith deagh-chlóidh, deagh-fhéachain tugtha aige air féin. "Táimíd ag dul in áit éigin ar an bpiocuightheacht atá orainn": an chuma a bhíos tugtha ag duine air féin go dtaidhbhseóchadh go maith. Ar an bpiocuightheacht atá an talamh san ní chothóchaidh sé leath an stuic atá air: luime: ithteacht. Níl piocuightheacht ar an dtaobh dhi: árd-shioscanta, snasta.

piollaire: *f.4.* duine caol, beag go mbeadh táthaireacht aige; aon rud géar go mbeadh ceann caol air. Nuair chloisfeá do phiollaire ag cainnt budh dhóigh leat air go ndéanfadh sé na huirc is na hairc: duine beag brosanta. Ní mór an tábhacht é, níl ann ach piollaire ná goillfidh ort-sa: duine a bheadh ag sáthadh isteach ins gach aonnidh. T'r'om an piollaire scine sin agat go gcuiread tobac im phíp: scian gan puinn tathnaig go mbeadh barra caol caithte uirthi.

piollárdaidhe: *f.4.* fánaidhe, duine gan aon chúram air ach a dhrom 'sa bholg. Ní bhíonn seódh ná rinnce as so go Tráighlí ná go bhfeicfeá an piollárdaidhe sin ann, sin a mbíonn ag dóghadh a ghirbe: a aoibhneas a mhairg. Thíos ná thuas thoir ná thiar ní fhanfadh an piollárdaidhe sin: duine nó ainmhidhe fáin. Piollárdaidhe asail ná coimeádfadh claidhe ná ceangal: ceann go mbíonn dúil cheart fhoghla ann.

piollóid: *b.2.* iomard, clampar, callóid; céasadh, pian-pháis; imshníomh. Ní piollóid go dtí an oidhche fhada, fhuar gheimhridh do thabhairt suidhte ar thochta nadhbhóige gan cead corruighthe aige: clampar is fulang fada. Cuireann an cogadh so piollóid ar dhaoinibh ná fuil i ngiorracht d'fhód an chatha in ao'chor, is iomdha easbhaidh dá dheascaibh ortha: cruadhtan, callóid. Is me d'fhuilng an phiollóid faid bhí an dochtúir ag cur mo ghualann in ionad: pian-pháis. Chaitheas, má chaitheas riamh, an oidhche fé phiollóid ag feitheamh lé n-a dteacht, mo chroidhe im bhéal agam ar eagla gur b'aon nidh a bhí éirighthe dhóibh: imshníomh agus suathadh aigne. Nách dóigh leat ná gur piollóid shaoghalta d'éinne seacht mbliadhna príosúin do chur air: duaidhnéis croidhe, cuirp agus aigne. Cé hé nár bh'fhearr leis a bpiollóid (leanbhaidhe) ná a gceal?: dá mhéid duaidh iad is fearr le daoinibh aca iad. "Piollóididhe an domhain uile go léir a bhíos ort, a dhuine bhoicht, seachas éinne eile", lé duine a bhíos de ghnáth ag gearán. Cad so tárluighthe dhuit anois? beir i bpiollóid go deó: rud éigin ghod chonna-phianadh is ghod ghortughadh. Piollóid shíorraidhe go raibh ort ná ceapann do shuaimhneas tamall éigin: rud éigin go raibh ag cur as duit. Tá piollóididhe maithe beartha air lé tamall anois: callóid agus iomard go leór. Ná bí ag cur piollóide orm léd chuid cainnte, táim bodhar agat léi – ghom thuirsiughadh léi. Piollóid ar an aindeiseóir is bheith ag ól: iomard: a olcas ann féin is a dheacracht teacht uaidh.

piollóideach: *a.* callóideach, iomardamhail, tuirseamhail, ciapantach, cráidhteach. Siubhluighim na seacht bparróistidhe is ní bhfaghainn clann is piollóidighe 'ná tá agam, ó mhaidean go hoidhche ag síor-thormas is ag lorg: is callóidighe; is mó duadh. Dá mbeitheá ar dho chosaibh ó dhubh dubh ag friothàilt ar dhaoinibh seadh bheadh a fhios agat cad é an obair phiollóideach atá orm: duaibhseamhail, cráidhte. Saoghal piollóideach atá aice ag bruic leis an meisceóir fir sin aice: aindeis, duaibhseamhail, neamh-shubháilceach. Is piollóideach an rud don bhfeirmeóir bheith ag féachaint ar an síor-bháistigh seo is a chuid arbhair ar sraith: cráidhte, piantach. Is í an fhiacha phiollóideach dhom í, sos ní bhfaghaim uaithi: pian is diachair ag giobadh 'sag priocadh orm.

píolóit: (**píleóit, pileóitidhe**) *f. n-dh. 7 4.* duine a threóruigheas cúrsa long, go mórmhór isteach i gcuan, trí canáilidhibh, etc.; duine a threoruigheas nó a stiúruigheas. Ná bíodh aon cheist oraibh ag dul treasna, tá píolóit maith agaibh: fear eolgaiseach. Fág fén bpíolóit gach aon nidh: fé dhuine go mbeadh muinghin eolais is taithighe as. Bí mar phíolóit orainn nuair ragham 'on chathair: treóruigh sinn.

píolóiteacht: (**píleóitidheacht**) *b.3.* treórughadh luinge isteach nó amach i gcuan, trí chanáile nó abhainn; do thabhairt eólais ar. Píolóiteacht a ghairm bheatha – áthraighe do threórughadh saor sabhálta isteach 'samach sa chuan. Budh dhiail an phíolóiteacht duit meabhrughadh abhaile an oidhche fhiadhain úd a bhí chómh dubh, dorcha lé pic: an aicillidheacht eólais. Má chidhir ag dul amudha me déin píolóiteacht orm: cuir ar m'eolas me. Droich-phíolóiteacht a chaill an bád: ceal eolais na haire cirte do thabhairt di. A Thigearna! déin píolóiteacht ar m'anam go Flaithis Dé .i. beir saor me ann trí gach baoghal, conntabhairt is cinneamhaint.

pionna: *f.4.* dola, blúire caol-cheannach adhmaid in áis tairnge; buag; taca, dallán, maighdeóg; uaithne (ag deilbh), crúca, dealg, biorán (adhmaid); an-dóighthín. Croch do chasóg ar phionna ar chúl an dorais: blúirín caol adhmaid in ionad. B'fhearr liom pionnaidhe i mbonnaibh mo bhróg ná tairngidhe, is iad is lugha a thairngeann uisce: blúiridhe caol-cheannaigh adhmaid a oireamhnóchadh i bpoll meanaithe. D'imreóchadh sé a phionnaidhe leis an ndiabhal féin: cearrbhach gur deacair lámh do dhéanamh air. Is é siúd an droich-phionna dá mbeadh sé láidir a dhóthain chun a dhroich-mhianaigh d'agairt: an droch-dhóighthín: duine fealltamhail, díomasach. Féachaidh an pionna atá air (chun bruighne etc.): an fonn. An pionna oibre a bhí ortha budh dhóigh leat ná raibh obair an lae dhóibh ann: an fuadar. Bhuail sé an doras isteach is pionna air: bior: sleabhac amach air gur chómhartha rud éigin suaidhteach do bheith ar maoith aige. Cuir díot an pionna cainnte atá ort: an bior chun aighnis. Seasaimh ar na pionnaidhibh go díreach: na cosa. Pionnaidhe an diabhail atá ag cur fút má thairngir bruighean annso: gríosughadh etc. Tairng an pionna as an mbarraille is scaoil amach cuid dá chrúdhthach ar chlainn an tarta: buag adhmaid: dola a líonas poll na sraotha. Siúd é an fear duit ná beadh i bhfad ag cur pionna ionat: ghod chur it éisteacht.

pionnsa: *f.4.* ealadha imeartha an chloidhimh; cosaint, aire, iomchar. Bhíodh scoil phionnsa ann lé linn mo shin-sean-athar: mar a múintí beartughadh le cloidheamh. Máighistir pionnsa: fear múinte pionnsaidheachta. Budh chuimhin leis máighistir pionnsa, máighistir Laidne is máighistir rinnce do bheith ag gnáthughadh na háite, gan

seódh ná cleachtadh ná cuideachta anois ach halla do rinncidhibh gallda. Má bhís ar do phionnsa riamh bí san imirt seo, táir istigh lé pionnaidhibh an diabhail: ar do dhian-aire; lé fíor-chearrbhaigh. Bí ar do phionnsa, a Thaidhg na cainnte, os chómhair na ndaoine iasachta: iomchair tu féin i ngníomh is in úrlabhra. Ameasc an tsluaigh iasachta san bí ar do phionnsa, ní fheadraís cad thárlóchadh duit: ar do chosaint. An fear pionnsa is fearr annso Muiris an Chipín (Gearaltach), a throid le cloidheamh go dtí nár fhan aige an greim mar a raibh na cipínidhe.

pionnsaidheacht: (**pionnsóireacht**) *b.3.* beartaidheacht lé pionnsa nó lé cloidheamh; cosaint. Ag foghluim pionnsaidheachta. Budh mhór an phionnsaidheacht duit gan tuiteam den bhfalla árd, gan puinn greama cos ná lámh: aicillidheacht.

pionnsamhail: *a.* aicillidhe, glic. Dheinis do ghnóth go pionnsamhail, ar fhéadas de thé is de phlúr a bhailiughadh isteach roim an ngannchúis do bhailiughadh: glic, gasta. Níor mhaith liom dul in aon áiteamh leis, tá sé ró-phionnsamhail ar an dteangain dom: deis-bhéalach.

pionnt: *f.1.* (*pinnt*) árus chun leacht, leath-cháirt, an t-ochtmhadh cuid de ghallún. Bíodh pionnt agat: ól pionnt leanna duibhe. Is mór é a dhúil i bpionnt .i. leann dubh. Ar phinnt do chuadhadar: deocha móra, fada.

pionós: *f.1.* pian, diachair, piollóid, mairg, imshníomh, callshaoth incheann. Tháinig pionós agam id thaobh is a fhaid go rabhais ag teacht: imshníomh is buaidhreamh. Dá (mbudh) me thu ní bheinn ag fagháil a dhuaidh is ag cur pionóis orm féin leis: ag cur tinnis etc., ag déanamh buaidheartha nár ghábhadh. Cad ina thaobh nár scríobhais chugham lé mí is gan me do choimeád i bpionós: callshaoth aigne. Fág i bpionós é, ná hinns faic do: fé imshníomh is neamh-shiúráil.

pionósuighim: *b.a.* tinneasuighim, diachruighim, buaidhrim in inchinn nó i gcorp; cuirim duaidhnéis ar. Pionósuigheann an t-íodh gearradh friseáilte na scine: gaibheann tríd chomh géar san go mbraithtear a nimh. Ná pionósuigh thu féin leo, mara n-éistighid léd dheagh-chómhairle gabhaidís cómhgar: ná cuir buaidhreamh aigne ort féin. Fulang an domhain uile atá aige, ní phionósochadh an diabhal buidhe féin é: ní chuirfead diachair chruip air. Pionósuigheadh go maith as a choir é, fuair príosún lé n-a shaoghal. Má phionósfadh éinne ar an dtalamh thu a bheith ag cainnt leis is é é: thúirseóchadh idir chorp is inchinn: chiapfadh.

píopa: *f.4.* (**píp** *b.2.*) feadán, cuasach (follamh), d'aon fhaid nó reimhre déanta d'aon mhianach – cré, adhmad, miotal, etc. chun uisce, silte, íle, etc., chun tobac do chaitheamh; an diúch; soitheach (fíona) go n-áirighthe sin gallún. "Go raibh ged phíp, a Sheáin, ní tobac a chaithim ach snaois" .i. ag diúltadh do ghal tobac. Marbh tnáidhte ag píopaidhe: múchadh is tarrac suas. Ar mh'anam ná fuil aon locht ar na píopaidhe aige .i. sruth chainnte aige. Phléasc píopa an uisce leis an sioc: feadán mór go ngaibheann tríd. Píopaidhe fíona. Seo, tá sálóg bheag sa phíp: beagáinín tobac. Fuaireas lán na píope (thobac). Bíonn sé dian ar an bpíp: ólann sé mór-chuid thobac. Oiread agus raghadh i gceann do phípe de phlúr ní raibh lé fagháil in aon tsiopa: gráine beag. Níl solas smóil

píope sa tigh: sméaróid bheag dhearg. “Dearg do phíopa”: éist! beidh rud lé déanamh ged bhéal annsan seachas bheith ag cainnt. Lán na píope de ghaoith ní raibh ann: leóithne lag. Bímís ag baint lán na píope as: ghá chiorrbhadh: ag déanamh coda dhe etc. Gunnaire píope: píp mhór, ghroidhe, fhada – a ghunnaire píope ina bhéal ag gach nduine aca: iad go léir ag caitheamh thobac ar dalladh.

píopáil: *b.3.* tachtadh, fola-thachtadh; do thachtadh lé duadh, tart etc. Rug sé ar mhuineál orm is chrom ar me do phíopáil go raibh mo theanga amuigh agam: ag luighe ar mo dhiúich: ghom thachtadh. Sin é an lá do fuaireamair an phíopáil ón dtart ó mhaidean go hoidhche gan deoch: spalladh: tachtadh. Éist! ded chuid píopála tá an tigh bodhar agat: gleódh is cainnt árd. Oscail na dóirse tapaidh, táim dhá phíopáil ag an ndeatach istigh annso: múchadh. Tar éis na píopála go léir a bhíonn ort ní fheicim faic dhá dhéanamh agat: na hárd-chainnte is an mhaoidhimh.

píopaire: (**píobaire**) *f.4.* duine a sheimeas ar an bpíb, duine a dheineas mór-ghol nó mór-chainnt; ceóchánaidhe; duine, ainmhidhe nó rud go mbeadh muineál nó scrogall fada air. D’óladh sé dhá phíopaire buidéil (beathuisce) gach lá: dhá bhuidéal mhóra. Cé bheadh ag éisteacht léd chuid maoidhte, a phíopaire: scailfhéitheannaidhe: duine go mbíonn scórnaghal bhrághad aige. Is diail an píopaire soithigh: ceann árd. Píopaire duine: fear caol, árd. Táim im phíopaire ag an slaghdán so, tá sé in aon scailp amháin anuas ar m’ucht: ceóchán trom is tarrac suas orm. Sicínidhe an fhóghmhar píopairidhe an gheimhridh: ní bhíd ró-láidir agus bíd ag gíogarnaigh. Píopaire leinbh: a chaitheas furmhór a shaoghail ag gol, ag cnáimhseán ’sag tormas. Píopaire circe: a bhíos ag síor-ghlágarnaigh.

píopaireacht: *b.3.* seimnt ar an bpíb; scailfhéitheann; ceólán. Cuir uait do chuid píopaireachta, níl eagla ag éinne annso rómhat: maoidheamh: árd-chainnt ghleóidh. Aon áit go mbeidh sé beidh píopaireacht aige, is aithneófar go mbeidh sé ann: gleódh is ceólán. Liathfadh an leanbh san le píopaireacht thu: a scol guil anáirde aige. An phíopaireacht a bhíonn air nuair bhíonn sé ag cainnt: glór mar bheadh ó chiach air aige: glogar ina ghuth.

píopálaim: *b.a. 7 n-a.* fola-thachtaim, beirim ar dhiúich ar, múchaim, spallaim. Phíopáil an tart me, i rith an lae fén mbeirbhthean gan deóir d’aon tsaghas dighe: tachtadh: spalladh me. Píopálfaidh an t-iasc guirt sin thu má luighir lé n-a iomad de: cuirfidh sé tart uathbhásach ort. Píopáladh me gan aon mhoill: beireadh ar mhuineál orm. Píopálfair!: spallfair lé tart. Phíopálfaidís a chéile ar fíge fíodha: raghaidís in achrann a chéile: throidfidís go dian. Leig dom labhairt, ná píopáil me: ná beir isteach ar scornaigh orm.

píopálta: *a.r.* tachtuighthe, spallta, múchta, lán-thartmhar. Deoch! táim píopálta: spallta. Píopálta, ná féadfainn focal do labhairt: múchta ag slaghdán. Ní mór go rabhadar píopálta ge n-a chéile nuair scaradh iad: tachtuighthe: greamuighthe i muineál a chéile.

píoráid: (**piaráit**) *f. n-dh.* foghlaidhe (gadaidhe, bradaidhe) mara; long armtha lé pioráididhibh. Píoráid na fágfadh faic agat: duine a bheadh ag faire go bhfaghadh amus na foghla.

píoráideach: (**piaráiteach**) *a.* ar nós an phiaráit.

píoráideacht: (**piaráiteacht**) *b.3.* gníomh, gairm bheatha an phiaráit.

píosa: *f.4.* blúire, giota, blodh, stráice, bonn airgid; líon. Strac an chráin mo chasóg ina píosaidhibh: ina géiridheachaibh. An as an bpíosa céadna an dá chulaith?: as an gcuairsce chéadna. Bhíodh píosa breágh talmhan ag m'athair, mhaireadh go sámh air: leirg: roinnt. Chaith an táilliúir chugham na píosaidhe breise a bhí fanta i ndiaidh na culaithe chun paisteála: blodhtacha fuighligh. Cuireadh an scéal lé chéile ina phíosaidhibh: ina bhlúire is ina bhlúire. Píosaidhe móra feóla ar crochadh anuas ag an mbrothaire: blúiridhe móra, leathana mar bheadh cliatháin mhuc. Is gleóidhte an píosa í: cailín gleóidhte, taithneamhach. Píosa óir, corónach, dhá scillinge etc.: bonn den airgead san. Cuireadh píosa isteach sa tseól chun a mhéaduighthe: géire: blúire mór. Píosa croise níl agam: tagairt é sin d'airgead na croise caoile. Is maith, tapaidh do chuirfeadh sé píosa (de) bhóthar de: smut. Píosa pingne ní bhfuair sé de bharr a shaothair: pingin ar bith. Sé píosaidhe (lín) gnáth-bheart nadhbhóige: sé líonta faid na sraithe. Taosc an nadhbhóg (bád) leis an bpíosa (cupán): árus cuasach éadtrom ná bíonn doimhin. Do stol an ghaoth an seól is d'imthigh ina phíosaidhibh: géiridheacha: blúiridheacha. Is maith an píosa plainín tighe é sin: ádhbhar cuibheasach mór a deineadh as a chéile. Árduigh an píosa (éadach) ar fad leat: a bhfuil ann de. Cuir píosa ar do ghlúin ag rómhar nó snoighfir do thriubhas: blúire mar preabán mór d'éadach chun an triubhais do chosaint. Píosa breágh de bhóthar sínte rómhat amach fós: achar maith lé taisteal.

píosaim: (**píosuighim**) *b.a.* cuibhrighim, cuirim blúiridheacha lé chéile. "Píosam, pósam, prátaidhe rósta, bainne na bó so agaibh-se araon, etc.": ag déanamh leamh-aithrise ar ghnáthas an phósta. Píosuightear lé n-a chéile anois é, is tá obair agaibh, tá sé ina bhlodhtachaibh miona: ceangaltar, cuirtear lé chéile gach cuid de ina ionad féin. Cé phíosuigh é seo?: cé fhuaigh dá chéile.

piostal: *f.1.* arm teineadh ceap casta air. An piostal atá tuillte aige: é do lámhach. Chuadhadar ar an bpiostal lé chéile: throideadar cómhrac éinfhir.

píothal: (**fíothal**) *f.1.* duine nó ainmhidhe truaillighthe ainmhidhe nó éan deiridh áil; truaghán; suarachán. Coimeádfam againn féin an píothal bainbh seo chun a reamharuighthe: bainbhín suarach deiridh an áil. Cé phósfadh an píothal geimhridh sin?: suarachán fir a chuirfeadh i gcuimhne dhuit bainbhín suarach an dubh-luachra. Níl in bhur bhfoirinn ach píothail: suaracháin fear. Choidhche ní dhéanfair ach píothal .i. ní fhásfair láidir ná sláinteamhail.

pí-pá-pin: deismireacht focal i gcluiche ag leanbhaidhibh. Bhuailfeadh seisean thu chómh tapaidh lé pí-pá-pin: go pras: de gheit. Cuirtear rud i bhfolach i gceann den dá dhorn, buailtear méar ar cheann aca agus annsan ar an gceann eile go dtín chéad dorn airís agus leantar de "pí-pá-pin, oscaltar an dorn is tá annsan", ag teangmháil lé dorn ar gach focal. Ní haon imirt pí-pá-pin í seo: imirt leanbh.

pípín: *f.4.* píp (píob) bheag. Léan id phípín! deirtear lé duine beag go mbíonn mórán cainnte aige. Pípín chun gaoithe: feadáinín.

pis: *b.2.* cineál phlannda agus a thoradh gaolmhar leis an bpónaire, etc. "Tá an cailín sin chómh dána lé cráin 'san phis": dána, suthamhail. Pis an ribe: éiscín mion sliogánach, ribeach, gaolmhar leis an ngleamach.

pis: (**pit**) *b.2.* ball banda.

pis: *intriath.* Pis, pis, glaodhach ar chat.

piscín: *f.4.* caitín. Piscínidhe leanbh: leanbhaidhe beaga, óga, suaracha. Ag síor-chrónán ar nós an phiscín: ag gearán 'sag lorg. Gan neart piscín ionam tar éis an lae im throscadh: an-lag ar fad. Nuair bhíonn eagla mór nó imshníomh ar dhuine deirtear ina thaobh, "tá sé ag breith phiscínidhe". Nuair chonnaic an garsún chuige an tarbh is gan cao teichte aige, bhí sé gan amhras ag breith phiscínidhe. Nuair chidhfeá an clódhchas san bhfear is gan toirt piscín cait ann: oiread an frighe. Creach an chait a phiscín: bheadh an bainne ar fad ag an máthair mara mbeadh é. An gcloiseann tú an glór piscín?: glór lag. Piscín fir seadh é ná seasóchadh a cheart: meathtach.

piseánach: *b.2.* saghas pise. Piseánach dhubh .i. fásann fiadhain ameasc arbhair (piseán na gcapall).

piseóg: *b.2.* dolbh, draoidheacht; géilleadh do dhraoidheacht, agus i gcómhacht ag rudaidhibh neambeó ar bheatha agus dhán an duine; tuairm, gníomh nó béas a thagas as shoichreidteacht maidir lé nidhthibh diamhaire nó neamhmínighthe. Piseóga seadh gan teineadh do leigeant amach as thigh agus cuigean dá dhéanamh ann, nó bean ina mnaoi thruim sa tigh, gabháil amach an doras go ngaibheann duine is bean ina mnaoi thruim sa tigh, aistear nó ímre Luain do dhéanamh; do chuid éadaigh d'iompódh taobh istigh amach chun cosanta ar spridídhibh is púcaidhibh; nó maothachán do chrothadh ar dhuine ag fágaint tighe dho; luaithridh na teineadh chnámha do chaitheamh ar ghort curtha chun breis tortha; mion-chlocha cruinne glasa do chur i mbád lé linn bheith ag dul ag iascach; teicheadh ó mhnaoi ruaidh nó ainm an mhada ruaidh do sheachaint ar an mbealach chun iascaigh; gan bail ó Dhia ar etc. do rádh nó do sheile do chaitheamh ar duine, ainmhidhe nó rud do bheifeá a mholadh, etc. Lucht piseóg: daoine a chuirfeadh orthaidhe chun daoine is nidhthe do chosaint ar olcaibh, tubaistidhe, cinneamhaintidhe etc. "Piseóga iad san" – "ní h-eadh na piseanna críonna!" deismireacht ar na foclaibh. Piseóga is bun ag duine lé fíoghar na croise do bhaint air féin nuair bhuaileann duine leis go bhfuil súil choirighthe aige-sean a dhéanfadh a dhíth.

piseógach: *a.* tugtha nó géilleamhail do phiseógaibh. Daoine piseógacha a ghéilleadh go leighisfí stróc ar ainmhidhe lé córda nó a leithéid do chur ina lúbaibh ar a bolg is ortha éigin do rádh.

piseógacht: *b.3.* do chur piseóg, orthaidhe, geas, etc. chun leighiste nó díoghbhála do dhéanamh; géilleadh do phiseógaibh. Le piseógacht ní leigfeadh sé néall ná spré

theineadh amach as an dtigh: trí eagla go n-éireóchadh milleadh éigin do. Ar phiseógacht do mhaireann sí: ag cur orthaidhe chun leighis.

piseógaidhe: *f.4.* bean a "leighiseas" le horthaidhibh. Piseógaidhe go dtagtar as chómhgar as chéin chúichi ag lorg leighis do ghalaraidhibh uirthi: duine a chuireas orthaidhe is a chóirigheas deocha draoidheachta.

písín: *f.4.* blúirín, beagáinín; áruisín cuasach adhmaid chun taosctha nó chun ime. Písín éadaigh do chur isteach annsan tá sé ró-chumhang: géire beag. An písín talmhan atá tímcheall an tighe aca ní chothóchadh sé gabhar: leirg bheag. Ím ar phísín seadh is glaine.

pisín: *f.4.* duine i ráta na ndaoine gur dheacair a shárughadh nó an bob do bhualadh air. Dá mbeitheá chómh glic le pisín ní bhfaghfá an barra air: chómh glic is b'fhéidir do bheith. Pisín féin ní thiocfadh suas leis: neach in ao'chor ní bheadh i ndán do. Chómh sleamhain lé pisín: chómh glic chun a chúrsa do chur chun cinn.

piteánta: *a. n-dh.* macnasach, neamh-fhearamhail, lag-spioraideach, draosta, gáirseamhail. An chainnt phiteánta a thagann uaidh chuirfeadh sí déistinn ort lé salachar: gáirseamhail: mí-gheanmnaidhe: neamh-cháidheach. Is piteánta an rud d'fhear glacaireacht truaillidhe: neamhgheanmnaidhe: neamh-shrianta. Fear piteánta: Sighle (Beití) fir. Fear piteánta go mbeadh eagla air é féin do chosaint: neamh-mheisneamhail. Aon uair a thugadh éinne fé do theicheadh sé mar chuirfeá na gadhair leis, ní raibh aon fhear ar chródh na himeartha chómh piteánta leis: meathtach.

piteántacht: *b.3.* neamh-mheisneamhlacht, neamh-fhearamhlacht; neamh-cháidheas; gáirseamhlacht. Aon scéal a bhíos aige piteántacht ina sruth thríd, níor mhaith leat bheith ag éisteacht leis: salachar cainnte. Ní bheinn ag brath faid mo choise air lé linn riachtanais mar ná fuil ann ach piteántacht nuair cuirtear chuige é: ceap spioraide is fearamhlachta.

piteóg: *b.2.* duine piteánta. A phiteóg, nílir oireamhnach bheith ameasc fear, ameasc ban budh cheart duit do bheith: slighthe, béasa is cainnteanna ban a thaithighir. Cá bhfios don bpiteóig sin cad is ceart do do dhéanamh?: duine gan chrích, a bhíos i gcómhnaidhe mar bean i gcúrsaidhibh fear .i. ag teacht sa cheann mhí-cheart des gach aonnidh. Piteóg bhocht í sin ná fuil críochnughadh ná deallramh uirthi ina gnóth tighe: leighcide mná. Cé phósfadh an phiteóg san: bean (nó fear) gan chuma gasta.

píthilín: *f.4.* suarachán, rud truaillighthe, duine leice. Píthilínidhe clainne, (leanbh): beaga, suaracha mar bheidís i ndroch-sláinte. In aon áit go mbeadh call lé fear ní tógfí píthilín mar thusa; cá bhfuil do scrothaidheacht ná do chuma nirt?: rud truaillighthe. Fear mór, láidir, sláinteamhail tráth, is ait mar dhein píthilín de, lán de mhúchadh, lom, caithte, seirgthe: duine leice: fear léirighthe. An bacach is píthilín ceirteach fé n-a oscail aige: beartán.

plab: *f.1.* cnapán nó dlúimh bhog; teimheal, ball; buille, stiall, léaspa go mbeadh glór bog aige mar dhéanfadh éadach nó uisce, duine bog saonta. Feighre de leighchidhibh bróg

orm go bhfuil plub plab ag an uisce isteach 'samach ionta: an glór a dhéinid ag fúscadh. An fheóil atá air is fada ó bheith cruaidh í, tá sé mar bheadh plab lathaighe: dorn bog etc. Cá rabhais gur shailighis thu féin, féach na plaba atá ar do chuid éadaigh: baill teimhil. Buaileadh i gcródh an chinn é, is thuit ina phlab ar an dtalamh: truist bhalbh mar dhéanfadh mála gainimhe. A phlaib amadáin, cuir chuige i gceart is ná lait é: a dhuine gan eólas. Plab óinsighe, salach i bpearsain 'sin éadach ag friotháilt bídh ar dhaoinibh: bean gan snas gan chrích. Buaileadh de phlab me: buille de phreib. Is amhlaidh bhíonn plab thall is plab abhfus aige ag siubhal: na cosa ag teacht go neamh-shlachtmhar ar an dtalamh. Plab thall is pall abhfus lé n-a thuaigh: buillidhe neamh-chruinne.

plabaim: *b.a. 7 n-a.* Phlab an rón isteach 'on uisce anuas den gcarraig nuair dúisigheadh as a chodladh é: thug léim gur bhain glór balbh, bog as an sáile. Ná plab an doras san id dhiaidh: ná tabhair stiall do ghá dhúnadh.

plabaire: *f.4.* duine go mbíonn pluic bheathuighthe air, go mbíonn tutbhailbheacht ann, ná labhrann go soiléir. An ceann feóla atá air, tá plabaire déanta dhe: beathuighthe tímcheall a cheannaghtha. Plabaire é, ná tuigim leath a n-abrann sé: ná labhrann go soiléasta: go doiléir. Plabaire cainnteóra b'eadh é an lá is fearr chun chainnte a bhí sé: neamh-líomhtha. Plabaire leinbh: go mbíonn a scol tormais is béicighe anáirde do shíor aige.

plabaireacht: *b.3.* cainnt neamh-shoiléir; gan puinn fuaimeanta, pusghail is tormas leinbh. Ní bheifí ag bruic lé n-a chuid plabaireachta in aon dúthaigh eile: ionnsaidhe gan deallramh ar gach rud a thagas ós cómhair na coitchiantachta. Cad tá ar an leanbh san? níor stad sé ó mhaidean de phlabaireacht, is mór agus is críochnuighthe an peata é: pusghail is tormas is ná sáiseóchadh faic é. Ó cuireadh na greamanna ina leathbhéal ní thuigfeadh éinne a chuid plabaireachta: cainnt neamh-shoiléir. Bí ag plabaireacht leat, aon tor níl agam-sa ort: ag cur asat is ag ath-aithris an ghearáin chéadna.

plabhstracha: *f. iol.* blodhtacha, "deoideanna", mion-ramh. Thuit an pláta ón bpiteóig is deineadh plabhstracha dhe ar an úrlár cruaidh: mion-bhlúiridhe. Beidh plabhstracha agat de bharr an chait má leigir do bheith ag séirseáil ameasc na n-áruistighe: blodhtacha: deoideanna.

placadh: *f.* (*-ctha*) plucadh, alpadh. Fair é ghá phlacadh féin lé biadh: ghá líonadh féin faid is tá slighe aige do ghreim. Ní hitheadh a néann súd ach placadh: palcadh, plucadh: é féin do theannadh lé biadh. Ar bhórd ní raibh riamh ná gur ag placadh do bheadh sé: ag bailiughadh chuige go sanntach. Ocht bpúint muic-fheóla d'itheadh in aon tsuidhe, budh mhór an placadh ó aon pheacach é: itheadh sanntach, cíocrach, guilmeach.

placaim: *b.a. 7 n-a.* palcaim, alpaim, slogaim, foir-líonaim. Ní mór gur phlac sé siar ar cuireadh i gcuibhreann an triúir aca lé craos ceart: d'alp. Ná bíodh aon támáilteacht anois ort plac isteach ionat an méid a fhéadfair: sloig: cuir id ghoile a n-iomcharóchaidh sé. Placadh an mála an méid is mó a raghadh ann: dingeadh síos ann. Phlacfadh sé chuige a bhféadfadh sé mara mbeifí ag faire air: ghreamóchadh.

placaire: *f.4.* cíocaire, alpaire, craosaire, slogaire, slaimiceálaidhe. Ní fhágfadh an placaire sin faic ar aon bhórd agat ná gur leis féin dá bhféadfadh sé é; ag síor-chur siar ina gheannc is ina gheannc: slogaire, craosaire. Nár bhreágh an rud san duine a íosfadh a dhóthain ach placaire a thabharfadh náire dhuit: slaimiceálaidhe. Placaire ná fuil rith ná léim aige ag feóil: duine reamhar, glógarsach. Placairidhe búird: alpairidhe bídh.

placánta: *a. n-dh.* reamhar, beathuighthe, feolmhar, glógarsach, coimpléasach, tútach. Dhá phluc phlacánta air: ar crith lé beathuightheacht. Tón placánta uirthi, oiread aon tsóirt: trom-fheólmhar: toirteamhail. Ón adharc go bun earbaill bhí an tarbh placánta lé feóil: ruic ann lé beathuightheacht: é fóirlíonta, cothuighthe. Beir ró-phlacánta má bhír ag placadh bídh mar sin: ró-throm, ró-aindeis lé reimhre.

plactha: *a.r.* dingthe, palcuighthe, slogtha, greamuighthe (chun). An biadh ar fad plactha chuige aige faid bheifeá ag féachaint thart: greamuighthe, bailighthe chuige. Mara bhfuil do bholg plactha ó thalamh ar a bhfuil bailighthe siar agat tá goile fallsa agat: lán go poll an phaidrín. An mhin plactha ges na cearcaibh: sloigthe go mear. Mála plactha de shean-cheirteachaibh: líonta go snaidhm.

plaic: *b.2.* aon chuid fheólmhar nó maothánach den gcorp go mórmhór an tón. Buaileadh aniar i bplaic an mhuiníl me, go gcloisfeá an plab a leig sé tamall ó bhaile: sa chúl. Thuit sé ar phlaic a chinn: ar an mullach. Fan suidhte ar do phlaic mar sin, an diabhal baoghal ná go bhfuil rian do ghnótha ort: ar do thóin. Leagadh ar a phlaic é: níor imthigh faic air, mara mbeadh san ámhthach. Tá sí ina caidirsigh, an (dá) phlaic tóna atá uirthi: sliasta troma.

plaicidhe: *f.4.* cnámh an chloiginn ó éadan go cúl. Goirtigheadh mo phlaicidhe nuair thuiteas ar bhior mo chinn: an mullach siar ar fad: cnuga. An diabhal buidhe féin ní chuirfeadh léigheann ná foghluim isteach ina phlaicidhe cruaidh sin: ceann cruaidh. Dá mbeadh mo cheann chómh reamhar léd phlaicidhe-se, bheadh náire orm: chomh do-thógtha ar rud d'fhoghluim. Plaicidhe scúighte: maol. Is mar a chéile bheith ag gabháil sa phlaicidhe air nó bheith ag gabháil ar rón: sa cheann. Chuir a phlaicidhe seo in iúil go raibh rud ann: ceann so-thógtha foghlama. "T'r'om leath-cheann muice, léd thoil" – "beir an phlaicidhe ar fad leat": an ceann slán. Ní fheaca plaicidhe ón nDún ar an sráid: neach. Seachain do phlaicidhe!: ísligh do cheann. Brisfead-sa do phlaicidhe-se chómh dearbhtha is tá sé ort: do cheann: cloigeann.

plaid: (**pluid**) *b.2.* súsa, pláincéad. Choidhche ní raghaidh sí chun suip ina phluid: ní luighfidh leis .i. ní phósfaidh é. "Dealbh gan luid gan phlaid gan súsa": gan air ach na ceirteacha is gan aon tsaghas éadaigh leapan. Ná raibh aon tsaghas pluide agat a chasfá aniar ort féin aon sín is gan teacht chugham leath-nochtuighthe mar sin: aon chlúdach in ao'chor.

pláigh: *b.2.* galar uathbhásach, tógálach, marbhthach, táimh-ghalar, ciapuightheóir. Pláigh ar fuaid an tighe, seadh, níl suidhe ná luighe earbaill air: duine a chiapfadh is a chrádhfadh thu. Go n-árduighidh an phláigh leis iad maran sinn atá cráidhte: an droch-ghalar millteach. Ní hé an cogadh is measa ach má leanann pláigh é trí ghorta: aicíd

thógálach mharbhthach. Pláigh ort!: mí-rath ort. Pláigh is gorta a bheidh ambliadhna ameasc na ndaoine má theipeann na barraidhe: ocras agus an aicíd a leanas í. B'fhearr liom an phláigh d'fheicsint ná thu: aon rud, aon duine, ach thu. Is mór an phláigh ar éinne do bheith ró-luighthe leis an ólachán: iomard. Níl neach ná go bhfuil a phláigh féin air: iomard: ceasnaidhe ghoilleamhnach éigin. "Agus do thiormuigh a dortadh fola do láthair, agus d'airigh sí ina corp féin go raibh sí slán ón bpláigh sin" (Marc V. 29): ón iomard san. "Agus do mhasluigheadar daoine Dia trí phláigh an chloch-shneachtaidh sin, óir do bhí a phláigh ró-mhór" (Teasb. XVI. 21): galar millteach díoghbhálach. Dia idir sinn 'san t-olc, tá an phláigh ag leathanughadh ar na prátaidhibh: an bhleaist: an chaoch dhubh a scriosann iad.

pláigheach: *a.* ciapuightheach, cráidhteach. An duine is pláighighe riamh i gcuideachtain focal ní leigfeadh as bhéal éinne ach an chainnt go léir do bheith aice féin: ciapuighthe. Sin scéal pláigheach má chuala aon uair amháin é, tá sé cloiste céad uair agam: cráidhteach: a thuirseóchadh duine ó bheith ag éisteacht leis. Arm pláigheach an casúr san go bhfuil an chos ar bogadh ann: clipightheach.

pláigheamhail: *a.* galarach, aicídeach, ciapuightheach. Prátaidhe fliucha, pláigheamhla: a scaipfeadh breóidhteacht. Nách pláigheamhail an duine is bheith chugham gach aon lá mar seo ag síor-lorg rud éigin: ciapuightheach.

plaincéad: *f.1.* clúdach do leabaidh déanta d'éadach reamhar olna. Tá sé in am dul 'on phlaincéad go maith: in am suain. Siubhal ar phlaincéadaidhibh an bhóthair: ceasa glasa an bhóthair. Fan fén bplaincéad, tá an mhaidean fuar: sa leabaidh. Cas plaincéad ort féin: éirigh as bheith ag cainnt: téighir in iargcúlacht.

pláinéad: *f.1.* ceann des na príomh-reannaibh neimhe a ghluaiseas tímcheall na gréine; droich-chinneamhaint. Léighfeadh sé na pláinéid duit: mhíneóchadh duit i dtaobh reann neimhe .i. tá mórán eolais air. Pláinéad éigin os chionn an fhir chéadna rud éigin ag éirghe dhe in aghaidh an lae: é a dhán mí-sheól ghá leanamhaint. Cad é an pláinéad atá air is bheith ag gadaidheacht: iomard nách féidir leis a shéanadh. Pláinéad éigin ort ná féadfá fanacht socair: rud éigin mí-ádhmharach ghod ghiobadh. Ceann de phláinéadaidhibh an domhain an cogadh so: cinneamhaint nó íde uathbhásach a bhí i ndán do. Chuir Dia pláinéad air is bheith ag ól: mallacht. Beidh an chos ghoirtighthe seo ina pláinéad orm anois faid is mhairfead: iomard ghom chrádh is ghom ghonadh. "...an mhuinntir ós a loisceadh túis do Bhál, don ngréin, don ngealaigh agus dos na pláinéadaidhibh agus do shluagh uile neimhe" (2. Righthe XXIII. 5): reanna.

plainnín: *f.4.* éadach bog olna fighte go scáinteach. "Níl teóra leis (lé teas) an bplainnín": deirtear ghá mholadh.

plait: *b.2.* bathas, mullach an chloiginn. Cad a chuir smaointe dá sórt id phlait?: id cheann. Ní lé haos atá plait orm: mullach cinn maol. Ní mór ná gur sciobadh an phlait díom: croiceann an chloiginn.

pláitín: *f.4.* pláta beag, mullach an chinn, plaosc; caipín; ceann maol. Mo phláitín ag iompódh maol: mullach mo chinn ag scughadh. Seachain ceann an leinbh, tá a phláitín dearóil fós: an mullach. Níl dá ceann anois ann ach an pláitín: an cloigeann. Táim ar phláitínidhibh mo ghlún ó mhaidean: ar chealgánaibh mo ghlún. Cuireadh pláitín mo ghlún as ionad: an cnámh a chlúduigheas alt na glún. Tú féin agus do phláitín scúigthe (táir): mullach gan folt. Dhéanfainn ar phláitínidhibh mo ghlún do é: chuirfinn aon duadh orm féin ar a shon. Tá pláitín maith air siúd: tá meabhair ina cheann.

pláitíneach: *a.* maol-cheannach. Fáth ná caitheann sé bairéad ná caipín ar eagla go mbeadh sé pláitíneach: gan gruaig ar a mhullach.

pláitíneach: *f.1.* duine maol-cheannach; ceann-scúighteach.

plámás: *f.1.* slíomaireacht, bladar, tláithínteacht, bleidireacht, mealltóireacht, bréagaireacht. Ar an bplámás a bhí aige liom, a chómhgas gaoil liom, a cheanamhlacht orm, etc., d'aithnigheas gur rud éigin a bhí uaidh orm: an chainnt bhreágh, bhog. Ní plámás atá uaim ach dáiríre, cathain gheóbhadh mo chuid airgid: bréithre mílse d'iarraidh scéil tharais do dhéanamh de. An plámás a bhí aige ag tnúth go bhfaigheadh sé deoch: cainnt mholtach a saoileadh do a bhogfadh croidhe dhuine. Níl agat ach plámás, nílim an céadamhadh cuid chómh maith agus do mhaoidhir: moladh gan tuilleamh. Plámás is fearr atá agat: slíomaireacht: cainnt thláith is gan aon mhaith ar do láimh. Ná bí ag plámás liom-sa mar ná fuil aon dul ar aonnidh d'fhagháil agat: bréithre mílse d'iarraidh me do bhréagadh. Bí ag plámás léi is b'fhéidir go dtiocfadh sí chun muinntearthais: bí caoin, cneasta. B'fhéidir go dtiocfaidís chun plámáis tar éis tamaill: chun muinntearais. Lé n-a cuid plámais do mheallfadh sí a tharr ón seangán: méid a bláth-chainnte.

plámásach: *a.* tláith, slíomach, sleamhain, bréag-mholtach. Chuiris chuige plámásach go maith, níl aon bhaoghal ná gur chuiris galbhan fé: bog-bhriathrach. Nuair bhíonn aonnidh uait orm, bír plámásach, nuair bhíonn aonnidh uaim ort bír doichilleach: go mílis mín-bhriathrach. Dá n-éisteóchadh sé is gan bheith plámásach, ach an rud a bheadh uait air do thabhairt duit ar do chuid airgid: cainnt neamh-ghábhtarach, mholta ar siubhal aige. Dá mbeadh sé seacht n-uaire déag níos plámásaighe 'ná mar tá sé ní bhainfeadh sé an bonn uait-se: níos sleamhain-bhriathraighe, ní bhuailfeadh sé an bob ort. Plámásach is dóchaiseach mar oireann do: caoin, cneasta, milis, ag dul trí dhuine isteach nuair bhíonn comaoin uaidh, coimhtheach, daibhceach nuair bhíonn sé neamh-spleádhach.

plámásaidhe: *f.4.* slíomaire, bladaire, sleamhnánaidhe. Tagann cainnt in aisce ar an bplámásaidhe: fear na mín-bhriathar is an bhréig-mholta. Mhairfeadh an plámásaidhe sin ag oll-mhaithistidhe aige in áit go bhfaghadh na céadta bás leis an ocras: duine bladardha go mbíonn buaidh faghálta age n-a theangain. Chaithfeadh sé a sparán ar phlámásaidhthibh: ar dhaoinibh a chodlóchadh fé n-a chroiceann lé cainnt bhladardha b'eól dóibh a thaithneóchadh leó.

plána: *f.4.* crann leathan-ghéagach go nduilleóig bhasaigh; sileann cuid mhór den sean-choirt lasmuigh dhe ar aitreamhaibh; úirlis chun uachtar adhmaid do dhéanamh slinn réidh, sleamhain; calm (farraige). Tá an plána curtha ar an obair againn más mithid:

críochnuighthe amach gan fuigheall gan easbhaidh. Sid é an lá neamh-chonntabharthach ar an bhfarraige. Tá sí mar cuirfí an plána uirthi: a huachtar réidh, mín. Tá an mhuir ina plána indiu: gan cor aiste: calm uirthi. Cuimil an plána de bhilleóig an bhúird: réidhidh é leis an úirlis: ná fág cnapáinín ná eile uirthi: bíodh a huachtar ar chóimhrian. Mar chuirfeá an plána air .i. an-réidh, an-mhín. Tar éis an chath(a) breóidhteachta úd do fuair sé tá a aghaidh ar nós plána (gloine): ní mór ná go bhfeicfeá tríd: tanaidhe.

plánáil: *b.3.* obair phlána; do shleamhnughadh is do shlíomadh mar bheadh billeóg leabhair. Is í do chuid plánála ná fuil an tslacht uirthi, sciolpa annso aiste is cnapán annsúd uirthi. Plánáil na sughchán ndoimhin .i. lata uachtair an adhmaid do dhul doimhin in áiteannaibh. Ní iarrfaidh sé ach beagán plánála.

plánálaidhe: *f.4.* duine a oibrigheas plána.

plánálaim: *b.a.* bainim áis as phlána, sleamhnuighim, slíomaim uachtar adhmaid lé plána.

plánálta: *a.r.* slíomtha, sleamhnuighthe. Adhmad plánálta: a uachtar réidh i ndiaidh an phlána.

plannc: *f.1.* clár mór, blúire mór, fairsing; blúire mór, fada, leathan, árd d'adhmad sáidhte ar chrann etc.; na cláracha go léir lé chéile a ghníos an taobh amuigh de bhád nó de luing. Plannc lobhtha ar an mbád, lán de mhion-phollaíbh, í ag tarrac uisce ó shnaidhmin go fosta: an taobh amuigh dhe. Áthraighe plainnc iarainn a déintear anois in ionaid an phlainnc adhmaid fadó: sclátaidhe móra iarainn. Thuit plannc mór den bhfalla (faill etc.): cuireadh beárna mhór ann: cuid mhór gur fhág poll ina dhiaidh. D'oibrigheadar ar dubh-thiomáint ar an bplannc atá curtha aca ina gcúram: an raidhse oibre. Baineadh plannc amach as an nadhbhóig nuair bhuail ar charraig ghéir: smut a fhág oscailt innte. Tuitfidh arm na namhad leó ina phlannc is ina phlannc: ina smut is ina smut. Cláracha plainnc .i. a cuirtear mar chlúdach ar árus (bád nó long). Droichead plainnc: déanta lé clárachaibh adhmaid.

plannda: *f.4.* fás a thagas ó shíol, a thugas síol é féin; an toradh ghlasraidh, glasradh; géagán, beanngán; sliocht. Is fadó riamh a fuair na sean-phlanndaidhe bás: na sinsir. Cé ná bímíd-ne ag éileamh gaoil ar a chéile, an taobh eile dá chéile dob eadh na sean-phlanndaidhe: ár sinsir. A phlannda den tsár-fhuil mhóir, céad míle fáilte rómhat: a shíol, a shliocht. Is tú an plannda is fearr ar do chinidh: rogha na bhfear. Is deallramhtach an chuma atá ar an bplannda leinbh seo: géagán óg. Truagh an té a bhíos ag cothughadh plannda an fhir thall: leanbh toghartha. Is tú an plannda ná rug an dúthchas leis: an ghin. Budh fhóirleathanadamhail ár bplanndaidhe sa cheanntar so tráth: géaga den sliocht gcéadna. Connus tá na sean-phlanndaidhe: an t-athair is an mháthair. An mianach ceart ann ón da phlannda: an t-athair 'san mháthair. Planndaidhe gabáiste: péacáin laga óga den nglasraidh sin.

planndamhail: *a.* go mórán géag nó préamh. Cinidh phlanndamhail sa cheanntar so muinntir Chonchubhair: iomadamhail. Ar a bhfuil de chlainn agaibh beidh sibh planndamhail leis an aimsir: flúirseach.

planndóg: plannda nó préach ag cur amach. Bhuail planndóg mhná liom go dtuitfeadh éinne i searc is i síor-ghrádh léi: óig-bhean sciamhach lán d'anam is d'anáil.

planndughadh: *f.* (*-uighthe*) do chur planndaidhe óga i gcré. Ag planndughadh gabáiste. Ag planndughadh na háite lé síol an chait bhric: ag ionadughadh clainne na ndaoine a léim (ar shúil cait) ó chreideamh go creideamh.

plannduighim: *b.a.* cuirim síol nó planndaidhe, ionaduighim daoine. Plannduigheadh leirg mhór fé oiniúnaibh: cuireadh a síol i gcré ann. Díbrigheadh mo mhuinntir fadó as an mbaile sin agus plannduigheadh dream ina n-áit: ionaduigheadh.

plannduighthe: *a.r.* curtha 'on talamh, ionaduighthe. Aon rud ná fuil plannduighthe anois beidh sé ró-dhéidheannach: curtha i gcré. Is maith liom go bhfuil bhur sliocht plannduighthe san áit: gabhtha greim: iomadamhail.

plaoiscín: *f.4.* plaosc beag, ceann beag, cochaillín, fáineóigín, sliogáinim uibh etc. Cá mbeadh an mheabhair, ar son Dé? Féach an plaoiscín: ceainnín. Ubh beag ubh an dearóilín mar sin plaoiscín a bhíonn air: clúdach beag. Plaoiscín na piseánaighe: an cochall beag a chosnuigheas an síol.

plaosc: *f.1.* cloigeann, sliogán uibh. Léan id phlaosc (táir): mí-rath ort (nuair bhíonn rud déanta as an slighe nó aimideach). Ní ná go bhfuil plaosc do dhóthain ort, go dteipfeadh ort rud sonaoideach mar sin do dhéanamh: ceann mór go leór, gur chóir go mbeadh inchinn ann. An plaosc feóla atá ag teacht air: é ag dul i mbeathuightheacht tímcheall an chinn is cuma shláinteamhail ag teacht air. Budh gheairrid an mhoill air do phlaosc do bhriseadh dhá bhféadadh: do cheann. Seachnuigheadh (seachantar) plaosc iad féin anocht .i. é de chuma air go mbeidh clampar is bruighean ar siubhal. Siubhlann sé go ná brisfeadh sé plaosc uibh fé n-a chois .i. chómh héadtrom san. Mo thruagh do phlaosc tiocfaid sin isteach lé chéile fós ná bíodh aon eagla ort: ní mheádhair an scéal ina cheart. Chómh teann lé plaosc uibh: teann ar fad: lán amach: feólmhar. A phlaoisc amadáin, tóg do lámh den roth san: amadán corónta. Is iongtach an plaosc atá air, níl aon rud gur thug sé fé ná gur éirigh leis go faoibín: an ceann go n-inchinn.

plaoscach: *a.* sliogánach, mogallach, cochallach; mór-cheannach; righin i ndlúthas. Tarbh coimhtheach plaoscach, lán d'fheóil: ceann mór groidhe air. De chuma ar an gcnoc plaoscach san ná fuil sé ró-fhuraiste dul ina bharra: ceann mór árd air. D'aithneófá air siúd, é chómh plaoscach san, nách báirnigh is beatha dho: ceann mór feólmhar. Carraig phlaoscach gur ró-dheacair lámh do dhéanamh uirthi lé hórd: daingean. Talamh plaoscach é sin go bhfágann an céachda fód slán ina dhiaidh air: righin. Móin phlaoscach a fhoidhneóchadh cuid mhór shuathaidh: righin, ceanglach.

plaoscadh: *f.* (*-ctha*) do bhualadh sa cheann, lé ceann. An dá reatha ag plaoscadh a chéile go nimhneach: ag pleanncadh. Thugadar plaoscadh maith dá chéile sar ar bh'fhéidir iad do chosaint: búrdáil: bualadh trom i gceannaibh a chéile. Níor stadadar ghom phlaoscadh go rabhadar traochta dhíom: ghom phléascadh sa cheann.

plaoscaim: *b.a.* péacaim, pleanncaim, buailim leis an gceann. Plaosc é!: buail go maith sa cheann. Plaoscfaid a chéile mara dtagtar eatartha: ionnsóchaid a chéile. Plaoscann tarbhaidhe a chéile ag reathaidhe: troidid le ceann is adhairc.

plaoscán: *f.1.* cochall, mogall, sliogán. Chómh soi-bhriste lé plaoscán uibh: an sliogán. Ar ubh fiadh ní bhíonn aon phlaoscán: sliogán cruaidh. Plaoscán ná féadfá faic do chur ina cheann: duine dúr. Is ionann do cheann is plaoscán folamh: aon inchinn ann ach oiread lé biadh sa phlaoscán folamh. Tá mo cheann ina phlaoscán ó bheith ag éisteacht léd bhriolla-bhrealla: meadhbhán ann.

plaoscánta: *a. n-dh.* go gceann mór, taithigeach nó deagh-chúmtha. Tarbh diamhair plaoscánta: mór, groidhe as a cheann. Ní hé ná go bhfuil sé plaoscánta má tá aonnidh cóir ann: ceann cúmtha air.

plapa: *f.4.* i ngabhal triubhais mar a dtagann an dá thaobh lé chéile ceann aca anuas ar an gceann eile. Dún do phlapa is ná tabhair náire dhuit féin. Ní fheaca riamh é ach a phlapa gan iadhamh: neamh-ghasta i dtaobh a chuid éadaigh.

plapachar: *f.1.* teangmháil leis an bplapa. Ag plapachar ar: glacaireacht mí-iomchair tímcheall na háite sin.

plás: *f.1.* bladar, meallaireacht, meang. Má bhí teanga phláis ag éinne riamh is agat atá sí: slíomtha: milis-mhealltach. Cuir uait an plás liom-sa, ní faic a bheidh dá bharr agat: an bladar. Maidir le plás gheóbhair uaithi é, acht maidir lé cáirde, faic: cainnt mhín, thláith, mhilis ach gan aon mhaith ar a láimh.

plás: *f.1.* réadh, ceap réidh slinn chun rud do leathadh air; lanntán glas. Leathtar an mhóin ar an bplás san síos: áit réidh. Fuaireamair plás glas ar thaobh an chnuic ar dheis na gréine gur shíneamair tharainn ann: leanntán mín.

plaspa: *f.4.* fáisceán, taiste, lúbóg; buille bog, éadtrom; duine saonta, réadhchúiseach. Cuirtear cipín i sádh na hursan chun an phlaspa do dhaingniughadh: an lúb a fháisceas an doras. Thug an leanbh plaspaidhe póg dá mháthair: póga troma. A phlaspa amadáin, dóghfair an tigh leis an solas mara seachnair: amadán bog-inntineach.

plaspghail: *b.3.* smeachghail; glór bog mar buille ó éadach fliuch. Ag plaspghail phóg: ag pógadh i slighe is gur cómhchlos iad. Uisce ag plaspghail isteach 'samach im sean-bhrógaibh: glór bog, árd aige mar fhúscadh sé. Chloisfeá plaspghail ge n-a liopaidhe lé dúil ins an bhfeóil ná raibh dul aige uirthi: iad ag smeachghail ar a chéile.

plástra: (**plastara**) *f.4.* táthán righin d'aol, ghainimh, nó mairtéal is uisce chun aghaidh shleamhain do chur ar fhallaidhibh, etc.; ceiridhe: min ruis, ubh buailte, etc., do chóiriughadh is do chur lé cneadh nó rud tinn. Beidh gábhadh lé plástra agat mara leigir dómh-sa: goirteófar thu is caithfear ceiridhe do chur leat. Beidh plástra lé n-a shaoghal air ag ar éirigh do: iomard: cimiar. Fágfaidh an cogadh so plástra ar dhaoinibh: goilleamhaint fhada.

plástráil: *b.3.* do chur phlastra ar; bualadh. An dochtúir nár mhór chun é sin do phlástráil, tá sé ró-ghoirtighthe: ceiridheacha leighis do chur leis. An tigh do phlástráil istigh 'samuigh: táthán aoil nó moirtéil, etc. do chur fé chun aghaidh mhín do thabhairt ar na fallaidhibh. Thug na tuinncéiridhe plástráil an anama dá chéile mar a raibh an campa aca sa tsean-bhóithrín: do bhúrdáladar is do phléascadar is ghearradar a chéile. D'iarraidh a phlástráil orm gurb í an fhírinne atá agat: d'iarraidh a chur ina luighe. Cad é plástráil ón aer is fuair cathracha lé seachtmhain más fíor na páipéir: léasadh iomadamhail lé pléascánaibh. Ag plástráil na dtighthe le barracht: ag tabhairt aghaidh mhín ortha léi. Tar éis na plástrála atá fachta riamh aige ní dhéineann san do gan bheith ag achrann fós: búrdáil d'fhág cneadhacha air. Ag plástráil an tsean-chapaill: d'iarraidh a dhíolta liom.

plástrálaim: *b.a.* smearaim, dóbaim, clúduighim lé, cuirim ceiridhe le. Phlástrálfadh san aonnidh ar dhuine leis an bplámás atá aige: chuirfeadh scéal ina luighe ar dhuine. Plástrálfad an tigh istigh 'samuigh le haol: "buailfead" é: cuirfead aghaidh mhín air lé táthán aoil, gainimhe (grin) uisce, etc. Cé phlástráil an sean-dhiabhal capaill sin ort nách fiú faic é?: cé chuir ina chapall incheannuighthe ort é. Plástráltar ón aer an chathair go minic: cuirtear barra pléascán lastuas di. Phlástráil beirt nó triúr ar a dtoil me i gcúlshráid: bhuaileadar, ghearradar is mharcáladar me. Plástráil an gearradh san is ná leig aon tsalachar isteach ann: clúduigh lé ceiridhe leighis é. Nuair thuit sé sa lathaigh phlástráladh ó chluais go sáil é: sailigheadh go trom.

plástruighim: *b.a.* plástrálaim, etc.

plásuighim: *b.a.* meallaim, bogaim, bréagaim, bláthuighim, ceannsuighim. Dá fheabhas is dá mhílse í do theanga ní phlásóchadh sí mise anois, táim tógtha ró-mhór agat: ní cheannsóchadh: ní bhéarfadh chun muinntearthais leat me. Beagáinín airgid do thabhairt do, plásóchaidh san é: bogfaidh.

pláta: *f.4.* mias, árus, árthrach cruinn éadoimhin de chré nó d'adhmad go gcuirtear biadh lé n-itheadh air; an méid bídh a raghadh ar pláta; scláta tanaidhe iarainn mar bheadh i dtaobh luinge; scláta beag práis go mbeadh ainm dochtúra, dligheadóra, etc. greanta isteach ann, is é greamuighthe de dhoras; múnla leathanaigh leabhair tógtha den gclódh bhunaidh. Ag obair d'iarraidh ruda do choimeád ar an bpláta: biadh do sholáthar trí shaothar. An bórd is gan faic lé cur ar an bpláta: gan biadh. Mura gceannófar an mhuc ón bhfeirmeoir ná beidh sí lé cur ar an bpláta aige: lé n-itheadh. Níl faic dhá chur ar an bpláta agat: sa bhailiúchán. Níl faic ar mo phláta-sa: rud lé n-itheadh. Ní fén bpláta do cuirfí an biadh annsúd ort: é do locadh nó do cheilt ort. "Log uisce ar phláta ní sásta an t-annlann é": ní mór rud éigin go mbeidh scabhárd is suiméar ann air chun na beatha. "...agus do rinneadar pláta na corónach naomhtha d'ór ghlan agus do scríobhadar

scríbhinn air mar greantar seignéid naomhthacht don Tighearna" (Ecs. XXXIX. 30): an bun mór dtímcheall laistíos. Spionóga déanta d'airgead pláta: airgead áruistidhe. Má phósair é ní buailfear pláta folamh os do chómhair go deó: beidh do dhóthain lé n-itheadh agat i gcómhnaidhe. Sin a bhfuil d'airgead pláta agam, dhá scilling: airgead bán.

plátach: *a.* flúirseach fé phlátaidhibh. Bórd plátach dá mbeadh aon rud lé cur ortha: áruistidhe go hiomadamhail air.

pleabhait: *b.2.* meilit airm, duine dúr. Pleabhait ráinne ná rómharfadh béile phrátaidhe dhuit: maol as a béal. Pleabhait scine ná gearrfadh blúire aráin: milit gan faobhar. Pleabhait bhocht ná tuigfeadh rud isteach ina cheann i gceart go ceann ráithe: duine dúr ró-mhall-tuisgeanach. Níl ionat ach pleabhait cad maith dhom bheith ag cainnt leat?: bastún: dúrán.

pleadhps: *f.3.* duine baoth-labhartha. Éistidh go léir anois lé pleadhps, is fiú éisteacht leis (searbhas): aon eólas cainnte níl air.

pleadhpsaire: (**pleadhpsaidhe**) *f.4.* duine baoth-ghlórach. Éist tamall éigin, a phleadhpsaire, tá na daoine bodhar agat léd scailfhéitheann: go mbíonn a bhéal ar leathadh aige ag síor-chainnt. Go maidean ní éisteóchaidh an pleadhpsaire sin, ní shuidhfeadh do chathaoirleach ná eile: cainnteóir a bhíos ag spreallaireacht leis. Cad tá ar siubhal agat, a phleadhpsaire?: lé leanbh ná tuigfeá.

pleadhpsaireacht: (**pleadhpsaidheacht**) *b.3.* mór-chuid cainnte is cur thart. Sin é, caith an oidhche annsan ag pleadhpsaireacht, nuair budh chóra dhuit bheith leath slighe abhaile: ag cainnt go neambunadhasach. Ní fheadair san faic ach oiread lé bonn do bhróige, é chómh dall le geansaighe ach bheith ag pleadhpsaireacht leis: ag cur as ar dalladh.

pleannc: *b.3.* buille (leis an gceann) stiall cruaidh. Bhuail an long pleannc dá tosach ar an gcarraig gur scoilt sí: stiall i leith a cinn. Fuaireas pleannc dá uillinn fén gcorr-easna is do ghoirtigh sé me: dó-bhuille: súngc cruaidh: péac ghrod. Thug sé pleannc dá cheann isteach ar aghaidh an chroidhe dhom is chuir go lár me: buille docht cruinn díreach. Cár thug sé an phleannc 'e dhorn duit?: buille dochaiseach. Pleannc fúm-sa an méid adubhairt sé, ach imthigheann díom ar nós an uisce den lachain: péac: éachtaint: tagairt neamh-fhollusach. Nár mhór an t-ádh a bhí ortha ná fuair aon phleannc is pléascáin ina gcith ag tuiteam i ngach treó mórthímcheall ortha: stiall: buille. Pleannc 'e bhata ní maith: buille grod leis.

pleanncadh: *f.* (*-ctha*) (do) bhualadh leis an gceann, le ceann nó barr aon ruda, d'ionnsaidhe; troid-bhualadh. Lé seal anuas anois tá na tíortha ag faire ar a chéile do phleanncadh: d'ionnsaidhe i gcath. Mórán gurb ait leó an Ghearmáin, tar éis a bhfuil de mhuirearaighe uirthi, do phleanncadh na Rúise: dul chun cómhraic léi. Teasbhach atá ortha, leig dóibh a chéile do phleanncadh: do bhualadh díreach an méid is mian leó. An fhuaim a bhaineann dhá reatha ag pleanncadh a chéile as cheann a chéile: nuair thugaid fasc rothaig is stiallaid a gcinn i gcoinnibh a chéile. D'aithnigheas ar an bpleanncadh a

bhí agam dhá ghabháil uaidh sa chliathán go raibh rud éigin ar maoith aige lé n-innsint dom: súngcadh: dingeadh leis an uillinn. Budh néata í ag pleanncadh an úrláir is í ag rinnce: ghá bhualadh go pras. Ceól ag an iasc ag pleanncadh an lín: ag bualadh ina choinnibh is ag mogallughadh ann. An ghaoth ag pleanncadh cruinn díreach san aghaidh orm ghom dhalladh amach ar an slighe: ghom léaspáil.

pleanncaim: *b.a.* buailim leis an gceann, le ceann aon ruda, stiallaim, ionnsaidhim. Gan aon choinne agam leis do phleanncadh idir an dá shúil me: buaileadh go docht cruinn díreach me. Ar an ndroch-fhuadar atá fén mbeirt sin pleanncfaid a chéile: ionnsóchaid is buailfid. Is beag coinne a bhí ag mórán mór daoine go bpleanncfadh an Ghearmáin an Rúis mar dhein: go mbuailfeadh chómh grod. Do phleannc sé an doras lé barr a bhróige gur shaoileas go mbrisfeadh é: bhuail go dochaiseach.

pléasc: *b.2.* glór obann, árd, géar, cnag mhór; stiall mhór; réasach. Chuala pléasc an ghunna go soiléir: bloscadh. Fuair an ghloine pléasc ró-mhór is bhris sí: buille trom, docht. Thugas pléasc ar phléisc don gcarraig lé hórd trom: trom-bhuillidhe. Nuair séideadh an pléasclach chloisfeá an phléasc a leig sé na mílte ó bhaile: torann creathach. Tonn ar thuinn ag gluaiseacht is pléasc dhá bhaint as na carraigeachaibh aca: réasach. Pléasc idir an dá shúil atá tuillte aige: buille go gcloisfeá a chnag. De phléisc do thuit sé: de gheit gan choinne leis. Leagadh an falla i ngabhal a chéile d'aon phléisc amháin: go hobann, trom.

pléascach: *a.* buailteach, torannach, glórach. Fear pléascach atá ann nuair bhíonn sé óltach, ní bhíonn uaidh ach bruighean: buailteach: trodach. Rud pléascach seadh púdar nár mhór do dhuine an-aire do thabhairt do féin air: bloscach: claon lé cnagadh is torann do dhéanamh. Gloine an-phléascach í sin tabhair aire dhi. Is mór an obair liom-sa marar luigh na buillidhe pléascacha úd air: go gcloisfeá fuaim aca.

pléascadh: *f.* (*-ctha*) cnagadh, bualadh go torannach; fothrom; briseadh glórach. Leig dóibh a chéile do phléascadh ó tá an t-amhras ar fad aca ortha féin is iad ar tí a chéile chómh fada: d'ionnsaidhe is do bhualadh. Chaitheas pléascadh ar gháiridhe nuair mhachtnuigheas clódhchas mo dhuine bhig: scartadh. Má leanair ar fheóil do chur suas ar an gcuma so ní fada ó phléascadh thu: ó scoltadh lé toirt. Fuaireas pléascadh maith uatha, triúr aca ag gabháil dom ar a ndícheall: stialláil: léaspáil. Dún an doras ina cheart is ná bíodh sé ag pléascadh leis an ngaoith: ag stialladh: ag bualadh is ag déanamh glóir. Chloisfeá an pléascadh a dhein an falla stair mhór ó bhaile nuair thuit sé: an glór 'san torann. Chrom sé ar phléascadh ar bháistigh sara raibh uain againn fothain do bhaint amach: í do thuiteam go hobann. Is furaiste í do chur ag pléascadh ar ghol: briseadh. Thiocfadh pléascadh gáiridhe ort nuair chidhfeá an driuch greanmhar a bhí air: scartadh. Níl aon tseódh ach é lé feóil, tá ag pléascadh air: oireamhnach le scoltadh air trí bheathuightheacht is bhorradh.

pléascáil: *b.3.* cnagadh, tréan-bhualadh, briseadh lé torann; tolgadh. Mara bhfuil droch-obair siar fén bhfarraige indiu tar éis na pléascála a bhí lé clos is mór an iongadh é: bloscadh torannach. Dá mbeadh fóirne (peile etc.) ag cruaidh-imirt a chéile nó daoine ag dórnáil déarfí "is éachtach an phléascáil í": an tuargaint chealganta. Fuair an tigh

pléascáil mhaith ón ngaoith mhóir i rith na hoidhche, go raibh an smúit ag imtheacht as na fallaidhibh ann: tuargaint is léasadh. Is gnáthach gur pléascáil a leanas argóint is áiteamh i dtigh tábhairne: troid. Cé hé bheadh ag pléascáil ar an ndoras an dtacaid seo d'oidhche?: ag bualadh go glórach. Ar mh'anam féin féin go bhfuil pléascáil mhaith oibre déanta agaibh ar a luighead cabhrach atá agaibh: cuid mhór, mhaith. Ná bí ag pléascáil an bhúird má tá cártaidhe maithe féin agat: ag bualadh go trom, torannach.

pléascaim: *b.a.* buailim go dochaiseach, trom, torannach, glórach, léasaim, cnagaim (ar), briseadh, scartaim, stiallaim. Ná pléasc ar gháiridhe ar t'anam nó scéidhfir ort féin: ná scairt nó beidh a fhios cad tá ar maoith agat do dhéanamh. Ná bac bualadh chómh héadtrom san, pléasc air: cnag go láidir glórach. Ní mór ná gur phléasc air leis an méid a d'ith sé: ná gur scoilt air bhí sé chómh borrtha san. Má leanair air, ar an gcuma ait, mí-riaghalta atá fút pléascfair croidhe do mháthar: brisfir lom é. Go bpléascaidh ort! a airceacháin, maran ort atá an craos bídh: go scoiltidh ort. Ní uair ná dhó a phléasc sé an chonntabhairt don gcuideachtain: do bhuail í go fuadrach ag glaodhach na gcárt. Pléasc me! sin é bheadh agat: an bhfuil sé de mheisneach agat me do bhualadh? Pléascfaidh an lá so fós ar bháistigh (ar ghréin etc.): cromfaidh go hobann is go tréan. Nuair phléasc an long ar an gcarraig do phléasc sí féin ó shnaidhmin go fosta: nuair bhuail go tolgach do scoilt sí, do bhris sí as a chéile. Phléascfadh iasc na líonta uaireannta chómh trom san go mbuailfidís thíos ar thóin puill iad: sháidhfidís ionta chomh tolgach trom, iomadamhail sin. Pléascfaidh an trucall fén ualach: brisfidh as a chéile. Pléascann sé (ar fheirg) gan puinn cúise: tagann strán buile go hobann air. Pléascfaidh sé chugham, tá a fhios agam mar tá sean-chúis aige orm: éireóchaidh chugham: tiocfaidh buile air is ionnsóchaidh me. Nuair bhíonn mearbhall na dighe air pléascann sé a mbíonn d'áruistidhibh sa tigh: briseann is brughann iad.

pléascaire: *f.4.* duine buileamhail, a bhuailfeadh is a bhrisfeadh. Aon iontaoibh ní headh an pléascaire sin mar a mbíonn deoch is cuideachta: buailteóir malluighthe. Seachain tú féin ar an ailp sin, cá bhfios ná gur pléascaire díoghbhálach é: rud a bhrisfeadh go conntabharthach.

pléascán: *f.1.* rud a phléascfadh; urchar a bhriseann ina bhlodhtachaibh go torannach, marbhthach, aon rud a leigeas glór árd obann. Gunna pléascáin: bréagán leinbh in aithris airm teineadh a néas bloscadh nuair sceineann aer teanntuighthe as. Cad leis go raghaimís ag troid? le gunnaidhibh pléascáin?: airm gan mhaith. Pléascáin ina gcith ar an gcathair: í dhá phlástráil leó. Pléascáin Nodlag dhá chaitheamh ges na leanbhaidhibh: gréas-shoillse beaga a chnagas nuair lastar is teilgtear iad, nó a tairngtear as a dhá gceann. Déanfaidh san pléascán nuair bhrisfidh sé: leigfidh sé cnag mhór, árd.

pléascánach: *a.* cnagach, glórach, teasbánach. Bhuail sé chughainn isteach go pléascánach budh dhóigh leat air gur leis an áit ó chúil frigh: blomasach: gan cúthaileacht ná tamáilteacht. Chloisfeá an t-inneall atá sa bhád na mílte ó bhaile: glórach is gach aon chnag aige. Is annamh riamh ciúin i gcuideachtain é, ach budh phléascánaighe airéir 'ná riamh é, ní fheadraís cathain bhéicfeadh sé: mór-labhartha.

pléascánta: *a. n-dh.* glórach, pléascach, torannach. Na buillidhe pléascánta a thug sé lé neart a ghéag don gcarraig: mór-fhuaimneach.

pléascarnach: *b.2.* cnagarnach; cnagairt, glór-réabadh, fothram mar dhéanfadh gunnaidhe móra nó tóirneach; búrdáil. Dé Domhnaigh beidh pléascarnach ar chródh na himeartha i gcomórtas craoibhe na peile: cnagairt cheart: imirt chealgánta. Bhodharfadh pléascarnach na tóirnighe duine istigh i gcumar cnuic: glór cómhnaidhtheach is an mac alla. An phléascarnach a bhí ag an mhiúil mhalluighthe sa stábla níor fhág sí staic ná clár gan stialladh is do réabadh: an glór, cnagarnach, a bhí ag adhmad dhá bhriseadh. Budh dhiail é thu is treabhadh tríd an bpléascarnaigh bháistighe seo: líogarnach báistighe is clagairt aice. Bhraitheas an phléascarnach sa chistinn, is láithreach baill do rith sé liom gur sraithidhe (srathaidhe) éigin oidhche a bhí ann: glór mar bheadh ag duine ag bualadh i gcoinnibh rudaidhe sa doircheacht: áruistidhe dhá shuathadh ar a chéile is mar sin. Má bhí pléascarnach in aon chogadh riamh tá sé sa cathannaibh atá dhá chur san Rúis – gunnaidhe móra ag rúscadh, áthraidhe ag pléascadh bailte, daingin, sluaighte, is teainceanna ag réabadh rómpa: gleódh, fothram, torann is cnagarnach uathbhásach.

pléasctha: *a.r.* briste, cnagtha, réabtha, scoiltighthe. Ní mór ná go bhfuil a bholg pléasctha tá an oiread san ithte aige: scoiltighthe, é chómh borrtha san ag biadh. Nuair d'fhéachas tharm is amhlaidh a bhí sé pléasctha sa tsúil aice lé cos na scuaibe: buailte go dúbhluighthe. Fallaidhe pléasctha ag an bhfliuchra: scoiltighthe: an tsaoirseacht scartha ó chéile ionta. Tuairm daoine nách fada ná go mbeidh an cath so pléasctha istigh i Sasana féin: buailte go hobann. Truagh go bhfuil an aimsir pléasctha airís: cromtha ar bháistigh, etc.

pléata: *f.4.* géire in éadach, filleadh, stráice, leirg chaol fhada. Cuir pléata nuadh isteach sa chasóig, tá an áit sin di caithte: stráice (blúire) fada caol. Éadach go bhfuil pléataidhe ann seadh é: deighilte ina stráicidhibh thall is abhfus mar bheadh ag síog ar malairt datha. Dubhart leis an dtailliúir gan pléata do chur i gcliathán coise mo triubhais: filleadh mar a mbeadh sé fuagháilte: "slat". Treaibh an pháirc ina pléataidhibh chun coirce do chur i gceann aca, eórna i gceann, agus prátaidhe i gceann: leirgidhe nó paistidhe fada is deighilt eatartha. Chuir sí pléataidhe ina cuid gruaige: trilsidhe: figheacháin fhada trí gcor des na táthannaibh. Pléata cruithneachta(n) suas trí lár an ghuirt idir choirce is eórnain chómh breágh is chidhfeá in aon bhall: leirg: stráice.

pléatach: *a.* fé phléataidhibh. Curadóireacht phléatach: stráicidhe fé mhalairt síl gach ceann aca. Culaith phléatach a cheannuigheas: é roinnte ina stráicidhibh nó blúiridheachaibh fada a's síog tríthe.

pleibideach: *f.1.* aon rud mór, toirteamhail, aindeis. Pleibideach fir: fear toirteamhail, neamh-éascaidh. Pleibidigh uan go raibh dóthain aon fhir a dtógáil ón dtalamh ionta, dhá dhíol ar shaor-mhargadh: seibinigh.

pleibiste: *f.4.* duine bog, saonta. Is furaiste aithint ná raibh aon chúram eile ar an té a dhein cur isteach ar an bpleibiste sin ná bacann lé héinne: duine réadh-chúiseach. Ná tuigtear gur pleibiste mise agat chun bheith ag spochaireacht orm: duine bog a thógfadh

do chuid cleas uait. Pleibiste an leanbh san ná goileann is ná cuireann duadh ar éinne: macánta.

pléicéis: *b.2.* maoidheamh, áidhbhéis, béal-láidreacht. Ciúnóchaidh súd smut ded chuid pléicéise nuair raghair i gcomórtas leis: maoidheamh. Pléicéis ar fad iad, ní fheadar cathain is dóigh a bhuadhadar ar aon fhuirinn chóir?: áidhbhéis as a bhfeabhas.

pleidhce: *f.4.* amadán; aon rud liobarnach nó neamhghasta. Níor dhein riamh é ach pleidhce amadáin: duine a dhéanfadh amadán de féin os chómhair a shúl. Pleidhce óinsighe féin seadh thu, is ní pleidhce, a ghaibh amach fén sín sin gan riachtanas gan culaithirt cheart ort!: duine glan, cruinn as a mheabhair. Ar gach cuma bhí sé ró-mhaith dom, dhéanfadh sé pleidhce aon lá díom: cácar: amadán ar mo chosaibh. Pleidhce capaill seadh é, má tá sé mór féin cá bhfuil a neart ná a phraitineamhlacht?: sodamán capaill: neamh-ghasta: aindeis. Caith dhíot an pleidhce hata san ort is ná bíodh an tsráid ag magadh fút: hata ná fuil cuma imtheacht córach fé, mar bheadh ar sileadh anuas nó ag clúdach na gcluas, etc. Déanfaidh na garsúin pleidhce dhe ó bheith leath-choróin í sin is ní píosa dhá scilling: a dhuine ná fuil cruinn ná géar. Na bróga san i bhfad ró-mhór duit, táid ina bpleidhcidhibh ort: ró-fhlúirseach: neamhshnasta. Deineadh an chasóg ina pleidhce dhuit: ró-fhairsing, liobarnach.

pleidhceamhail: *a.* amadántamhail, liobarnach, neamh-ghasta. Hata pleidhceamhail ort, anuas thar do chluasaibh, ní chaithfeadh éinne eile é ach thu: liobarnach, neamh-ghasta. Má bhí sé ann is é a bhí go pleidhceamhail ann, súile go héinne air leis an aiteas cainnte a bhí aige: go haimideach ait. Budh dheacair duine budh phleidhceamhla ná é d'fhagháil ag suidhe chun búird: mar bheadh duine nár shuidh riamh roime sin chuige. D'éirigh sé pleidhceamhail go maith dhuit an cheist réidh ar an bpáipéar do scaoileadh thart agus tabhairt fé cheann deacair: dall-inntineach: gamallach. An adóchadh neach eile beó ach thu féin teine chómh pleidhceamhail sin: neamh-ghasta.

pleidhcín: *f.4.* pleidhce beag; amadáinín; óinsín. Nách gleóidhte mar dheineadar pleidhcín díot, gur scarais lé leabharthaibh maithe (searbhas): amadáinín: gur chasadar ar a méir ar fada thu. Mo thruagh thu, a phleidhcín, go mbeifeá ag sciorradh is ag glanadh dóibh ar dhó nó trí 'e thoitínidhibh: duine go mbuailtear an bob dáiríre air.

pleidhcidheacht: *b.3.* amadántaidheacht chorónta, dall-inntineacht, iarracht bhriollánta lé corp eólais (dar lé) nó lé fearaidheacht. Pleidhcidheacht cheart do thabhairt fé rud ná raibh aon eolas aige air: corp-lár amhrais as féin. Sin é, bí ag pleidhcidheacht leis an ngloine sin go ndoirtfir a bhfuil innte: ag ionnramháil léi i slighe nách cóir. D'éirigheadar chun a chéile lé pleidhcidheacht, mhuise: aiteas, ceal tuigseana is fearamhlacht dar leó. Mo chuid pleidhcidheachta féin budh bhun lém ghéig do bhriseadh, an iomad amhrais agam asam féin is gan féachaint rómham: manaois trí bhreis eólais is muinghne asam féin. Ní bhfaghair aon rud chómh bog san uaidh siúd, is beag den bpleidhcidheacht air: breallsúntacht: fusacht bob do bhualadh air. Leigeann sé air pleidhcidheacht do bheith air lé barr gliocais: é bheith saonta, is gur furaiste "salann do chur air laogh dho".

pléidhe: *f.4.* agairt i gcúirt, áiteamh, argóint, dlighe, aighneas, diospóireacht, iomardas, iomarbháidh, achrann. "Táir ag obair" – "ag pléidhe léi": ag strácáil léi: ag déanamh mo dhíchill uirthi agus í mós maith dhom. Rud amháin a bhainfeadh mo mheabhair glan díom, bheith ag síor-pléidhe lé daoinibh: in achrann leó. Caith uait an tsean-dhúid sin, ná bí ag pléidhe léi: ag bruic níos sia léi. Dá oilceas í an tsean-bhean is fearr bheith ag pléidhe 'ná bheith gan í: ag bruic: ag foidhneamh léi is í bheith ag bruic liom. Sin adhbhar léighinn nár dheineas aon phléidhe riamh leis: nár ionnsaidheas chun a fhoghlumtha. Táim annso ag pléidhe mo chlú go neamh-eaglach, is cuma liom cad déarfar im choinnibh: ghá cosaint is ghá glanadh. Nuair bhíos seirbheálta bíodh a bhuidheachas agam ar an ndligheadóir maith a bhí ag pléidhe mo chúise go dtána saor: a chómhraic dom a dhein argóint is aighneas ar mo shon. "Beidh pléidhe againn chun na Samhna etc." (An Cnoicín Fraoigh): tréalfam an chúis os chómhair bhreitheamhan ag ceathramha (sheas)súin na Samhna. Fág fé siúd a cheart do phléidhe: cómhrac do dhéanamh ar a shon. Cá locht ar éinne bheith ag pléidhe a chirt: ghá agairt: bheith ar a dhícheall d'iarraidh é do bhaint amach. Beidh pléidhe cúirte ar an dtalamh, airighim: béarfar i gcúirt é chun a shocruighthe. Fuaireas gan aon phléidhe é, aon rud ach é do lorg: gan achrann ná coimheascar. Is mór go léir an pléidhe a bhíonn sa tigh sin go haon oidhche tímcheall an chogaidh: aighneas is argóint is áiteamh. Scaoileas uaim é mar chapall, b'fhearr liom é ná bheith ag pléidhe leis, bhí sé i bhfad ró-mhalluighthe: bheith d'iarraidh me féin do sheachaint air.

pléide: *f.4.* an gárda nó an chosaint mhór-mhogallach ar gach taobh de líon mion go ndéineann póca den líon mion istigh ann nuair thairngeann an t-iasc tríd é.

pléidhim: *b.a.* $_7$ *n-a.* tagraim i ndlighe, déinim argóint, áiteamh, aighneas, cómhraicim, troidim, bruicim lé. Dligheadóir a phléidheas cúiseanna go maith, is annamh ná go mbuadhann sé: a chóirigheas a chuid fínéachta, a cheistigheas agus a thagras leis an mbreitheamh: go maith. Cé phléidhfid dom i láthair Dé?: cé athchuingheóchaidh dom? Ná pléidhidh a thuilleadh leis, is mithid duit bheith cortha aige: ná buaidhir thu féin leis. Pléidhfead-sa mo chúis féin gan chabhair ó neach: chómhraiceóchad mo cheart asam féin. Phléidhis go maith iad, níor fhágais focal aca: chómhraicís in aighneas. Pléidhidh amach lé chéile uaim-se é áitighidh féin ar a chéile pé achrann atá eadraibh. Pléidhfir amach thu féin má bhír ag aighneas chómh glórach san: tuirseóchair thu féin. Nách luath tapaidh mar pléidheadh an Fhrainnc, de thír éachtach mar í: a claoidheadh í. Ná bímís ag bruighean ná ag allagar lé chéile os chómhair na ndaoine ina thaobh, pléidhimís sa chúirt é: tagraimís os chómhair breitheamhan é.

pléidhreacht: *b.3.* súgradh, claoidheascairt, piléardaidheacht; treithireacht éan, téad-mhéaráil. Chaitheadh sé seal fada ar bhruach na habhann sínte ar a shocracht ag féachaint 'sag éisteacht leis na héanlaithibh ag pléidhreacht: ag cantain 'sag léimridh ó ghéig go géig. Nách aoibhinn an rud an óige, féach na leanbhaidhe ag pléidhreacht dóibh féin in imeall an uisce ar an dtráigh: ag súgradh: ag gleódhghail is ag imirt. Ag pléidhreacht ar an bheidhlín: ag baint streanncáin ceóil aiste. Ní haon phléidhreacht an obair seo, caithfidh sibh breis ghotha do chur oraibh féin chúiche: súgradh: seódh.

pléidhte: *a.r.* troidte; tagruighthe, áitighthe i ndlighe. Pé slighe a thabharfaidh an breitheamh a bhreith níl aon amhras ná go bhfuil mo chás pléidhte go maith agat: tagruighthe, aighneas is áiteamh déanta go slachtmhar ar mo shon. Éirighimís as is ná déinimís paidear na mbacach de, tá sé pléidhte céad míle uair cheana againn: suaidhte, curtha trí chéile: troidte lé bréithribh.

pléisc: *b.2.* cnagóg, áit scéirdeamhail. Pléisc thalmhan nách maith an dóigh lé n-a cur í: cnagóg: talamh árd, cruaidh. Deirim-se leat go mbíonn ceól ag gaoith ar an dtigh sin ar an bpléisc sin: árdán scéirdeamhail: éirghe talmhan gan fothain.

pléisiúr: *f.1.* aoibhneas, sástacht, girréis, meidhréis, sásamh a gheibheann duine as smaointibh, teadhannaibh, etc.; sásamh na sians; fáth an phléisiúir. Cuireann sé pléisiúr ar mo chroidhe bheith ag éisteacht lé ceól aoibhinn: áthas is sástacht. Más pléisiúr duit é déin é: más sásamh aigne. Sé mo thaidhbhreamh lé cian bád pléisiúir do bheith agam chun dulta feadh an chósta innte sa tsamhradh: a bhéarfadh aoibhneas dom bheith ag seóltóireacht léi. Cé ná fuil puinn dúlach agam ar fad ar fad i dtobac, bainim an-phléisiúr as ghal anois agus airís: sástacht aigne. Ní haon phléisiúr dom bheith ag éisteacht leat ag tabhairt tarcuisne uait: sásamh. Baineann sé pléisiúr as an bpáipéar laetheamhail: cuireann a léigheamh aoibhneas croidhe air: sástacht ná beadh air gan. Chuireadar fútha san taobh theas den bhFrainnc ag déanamh an phléisiúir an chuid eile dá saoghal: ghá dtabhairt féin, gan duadh an tsaoghail ortha, do gach aoibhneas. Is lán-bheag an pléisiúr do bhain sé as an saoghal so: socracht. Cad é an pléisiúr so anois oraibh, go bhfuiltí ag gáiridhe?: girréis: fáth girréise. Aithnighim ort go bhfuil pléisiúr chun an bhóthair ort: fonn an domhain: girréis chun bheith ag gluaiseacht: sógh. Lé pléisiúr ceart do bhaineann sé gach seach as an bpíp: fíor-shástacht.

pléisiúrdha: *a.* aoibhinn, sásamhach, girréiseach, meidhréiseach. Bí deas, pléisiúrdha mar bheadh buachaill maith is cuir uait an phleidhcidheacht: caoin, cneasta is ná bí ciotarúnta. Thugamair geábh chómh pléisiúrdha is thugamair riamh treasna chun an oileáin: a chuir sástacht ar an gcroidhe. Ná bíodh aon dochma ná cúlbhántacht ort dul chun cainnte leis, fear sochma pléisiúrdha seadh é: cneasta, caoin. Cuideachta phléisiúrdha seadh é ar mh'anam, níor stadas de gháiridhe fé n-a chanamhain ó thúis deireadh: áineas ina ráidhtibh. Is cuma liom cad deirtear ina thaobh, ach tá cuma phléisiúrdha air: cneasta, so-chómhluadar. Oidhcheannta phléisiúrdha a caithtí sa tsaoghal atá imthighthe ar na póstaidheachaibh: meidhréiseach.

pléisiúrdhacht: *b.3.* aoibhneas, sásamh aigne nó cuirp, meidhréis, girréis. Diabhal críochnuighthe dob eadh é, Dia idir sinn agus an t-olc, gheibheadh sé pléisiúrdhacht as bheith ag conna-phianadh na ndaoine: sástacht dhiabhalta. Pléisiúrdhacht ar fad seadh í: i gcainnt 'si ngníomh, bíonn sí lághach, cneasta, soilbhir. Ní haon phléisiúrdhacht d'éinne an lá do chaitheamh in éadach fliuch: sásamhacht cuirp. Riamh ní raibh an oiread pléisiúrdhachta ann is bhí airéir: deagh-ghnaoi.

pleist: *b.2.* troist throm, aindeis, aon rud trom, neamh-anamamhail. Thuit sé in aon phleist amháin ar an úrlár lé deargmheisce is d'fhan annsan: ina thuairt gan anam, gan chor. Ina phleist lé codladh gan húm ná hám as: mar bheadh duine nár bh'fhéidir do

dhúiseacht. Sínte ina phleist ar an leabaidh: go leisceamhail, leasc. Dhein an phleannc do fuair sé i gclár an éadain pleist de: clais gan anam. An oiread san feóla ag teacht air go bhfuil sé ina phleist: trom, aindeis, cothuighthe. An phleist do bhain é as an ndoras nuair thuit sé ina choinnibh: troist throm, bhog.

pleistidheach: *f.1.* aon rud mór, taithigeach. Pleistidheach fir seadh gach aon neach dá chlainn mhac anois: láidir, teann, do-chaithte. An-phleistidheach buachalla go bhfuil ceól is acfuinn ina ghéagaibh: anamhail, láidir. Pleistidheacha beithidheach dhá dhíol ar neamh-nídh a raghadh go hárd sa déagaibh de phúntaibh mí ó shoin: móra, troma, feólmhara.

pleistire: *f.4.* duine, ainmhidhe, rud etc. a bheadh taithigeach. Pleistire tairbh. Pleistire éin seadh an chaobach: éan taithigeach. Pleistire fir go bhfuil obair agus fulang ann: déanta, láidir, deagh-sheasaimh.

pleódh: *f.1.* buille cruinn díreach amach ón gcabhail. Thug sé pleódh sa tsróin dom is scaoil na srutháin ar sileadh liom: pleannc obann, dúbhluighthe. Is iomdha pleódh fachta riamh aige de dheascaibh a dhroich-theangan is ní néann san do, ní éistigheann sé a bhéal fós: buille, buille goirtightheach. Táid pleódh ar phleódh lé chéile: ag cúiteamh gach aon bhuille lé chéile go dochaiseach.

pleóta: *f.4.* rud mór bog. Pleóta thu nár mhaith liom puinn conbharsáide do dhéanamh leat, ní mór ná go snapfá an ceann de dhuine le do thuigsint: dúrán: duine neamh-eólgaiseach. “Is mar sin do ó cheólán go pleóta etc.”: ó dhreanncaide beag eiteallach glórach go ceann mór, bog, neamh-anamamhail. A phleóta is deacair réidheachtaint leat, bíonn gruaim is muc ar gach malainn leat do shíor: gruamdha, grod, míoshásta.

pliastráil: *b.3.* ranngcás is útamáil, gleódháil theasbamhail. B’éigean furmhór na ndaoine do chur amach, bhí an iomad pliastrála aca, ag suathadh a chéile, ag leagadh is ag pasáil rudaidhe. D’éirigheas nuair chuala an phliastráil ag an gcapall sa stábla: strampáil is speachghail. Ar a luighead pliastrála a bheadh sa tábhairne thabharfadh fear an tighe an doras amach do n-a mbeadh istigh: aon rí-rá ná dul trí chéile achrainn.

plibín: *f.4.* (**plib**) an bod ina mharbhán; rud gan anam. Níl ionat ach plibín fir: gan mhaith. Seachain as san uaim, a phlibín, ní bheadh faic déanta go hoidhche agat, ar an gclódh atá ort: rud gan fuinneamh.

plibire: *f.4.* ruidín. Níl aige ach plibire buid: péacáinín. Plibiridhe breac atá sa loch san nár bh’fhiú dhuit breith ortha: suaracháin éadtroma. Cad tá fós ann ach plibire garsúin: caol, lag, éadtrom. Fan siar ón rothar san go socróchad duit é, a phlibire: ruidín gan anam. Plibiridhe fear seadh sinn ar ghualainn ár sinsear: truagháin shuaracha.

plibireacht: *b.3.* teangmháil gan éifeacht, tástáil gan mhaith. Ná bíodh aon phlibireacht agat leis ach déin tapaidh é: gliúmáil: méaráil gan tairbhe. Riamh ní raibh ar siubhal agat ach an phlibireacht: giúrnáil oibre gan mhaith, gan tairbhe. Bheifeá ag plibireacht leis an soitheach san go hoidhche dhubh sara bhféadfá é d’oscailt: ag gabháil de, ar chuma gan

aon deallramh. Cuir uait an phlibireacht ó thigh go tigh .i. ag gabháil tímcheall mar bheadh gnóth éigin agat is gan plibireacht leis an ráinn nuair budh chóra dhuit céachda: ag caitheamh aimsire ar fhíor-bheagán toraidh.

plibireáil: *b.3.* méaráil; gíotáil gan bhun gan deallramh; suathadh is corruighe beag ar uisce. An t-iasc ag plibireáil sa líon ag bualadh a earbaill 'sag lag-ionfairt d'iarraidh é féin do réidhteach. Aon ghnóth a chuirfeadh sé roimis chaithfeadh sé an lá ag plibireáil leis: ag gabháil de go haindeis, neamh-chríochnamhail. Cad é an phlibireáil atá agat leis an bpeil ach í do bhualadh: útamáil.

plibireálaidhe: *f.4.* útamálaidhe, gíotálaidhe gan mhaith. Riamh níor dheinis críochnughadh do chur ar aon ghnóth, níl ionat ach plibireálaidhe: gan slacht, gan fuinneamh, gan clisteacht. Níor léirighis an talamh i gceart ná níor threabhais, ná níor thaoscais cré air, a phlibireálaidhe: duine ná déanfadh aon rud mar budh cheart. Plibireálaidhe tairbh ná dairfeadh bó go ceann mí: gan phreab. Plibireálaidhe fir, connus bhíonn clann aige?: gan speach, gan brigh.

plíoma: *f.4.* duine, ainmhidhe nó aon rud mór taithigeach. Na cnuic ina bplíomaidhibh móra os mo chionn anáirde gur beag ná leigfeadh eagla dhom féachaint ortha: cnuic mhóra, thoirteamhla. Plíomaidhe breac go mbeadh dóthain aon fhir i gceann aca: bric mhóra, ghroidhe. Téighir agus déin rud éigin, ná bí sínte id phlíoma mar sin: duine mór, leisceamhail. Plíomaidhe fear mar a chéile aca obair chruaidh nó speal den mbóthar do shiubhal: "bíomaidhe": toirteamhla, bríoghmhara.

plíomaire: *f.4.* fear beodhamhail, deagh-fhéachain. Plíomairidhe nuair chidhfeá ina gcneas iad ná gur thaithneamhach leat a ndéanamh: fir sciamhla, scrothaidheachta. Níl aon bhean ná go dtuitfeadh i ngrádh leis an bplíomaire: fear deagh-fhéachain.

pliospa: *f.4.* scoth, lipéad, priosla. Bairéad dubh-ghorm is pliospa dearg ina mhullach: triopall beag snáithínidhe ina chnapáinín. Nách neambéasach é, pliospaidhe ar sileadh lé n-a bhéal: prioslaidhe: ronn a bhéil ar sileadh anuas leis. A phliospa, ná déin ciste leis na lámhaibh salacha san: duine neamhghlan.

plispín: *f.4.* suarachán duine etc. Plispínidhe gan mheisneach ná tabharfadh iarracht ar an bhfear a shaoradh: suaracháin gan spirid. Plispínidhe deargán gur ar éigean a chuaidh an dubháin greamuighthe ionta: éisceanna neamh-thoirteamhla. Plispín ag imirt seadh é, ró-neamh-anamamhail: rud gan deallramh. Dar libh-se gur fear maith é, níl ann ach plispín ar ghualainn ár bhfir-ne: fear ná fuil in aon ghaobhar do. (Maidir le fuaim gabhann "plispín" agus "raispín" "uispín" cruinn-díreach i gcoinnibh na riaghlacha, c.i.g. "speal" "spiúnadh" "spirid" "spideóg" etc. etc.).

pliútaidhe: *f.4.* labhta, labhtais, sodamánaidhe. Pliútaidhe a dhéanfadh aon rud budh neamh-iontaighe 'ná a chéile: duine neambéasach gur bheag aige bheith eadránach, deiliúsach. Pliútaidhthe iad san a líonfadh an tigh isteach ort le linn bídh nó i gcorp-lár do ghnótha: labhtaisidhe gan béasa. Aon mhaith níl bheith ag brath ar an bpliútaidhe sin, ní bheadh sé annso in am is anam do bheith air: sodamánaidhe: mall: mío-thapaidh.

plob: (**plub**) *f.1.* an glór a dhéanfadh uisce ag fliuchaidh; aonnidh do tharrac go hobann as rud bhog mar ime no portaigh etc., nó ag siubhal trí uisce. Plob plab ges na maididhibh rámha i gciúnas na hoidhche mar leigtí dhóibh tuiteam go héadtrom ar ucht na mara: glór bog, cómhshnámhach. Céaca b'fhearr leat leite plob plab nó leite tuf taf?: leite go mbeadh glór-fhliuchta árd aice nó glór balbh – leite chaol nó leite reamhar. Plob plab agam ag siubhal tríd an mbóithrín gutaidh: mo bhróga ag ceangal ann is ag déanamh glóir buig. Plob ina bhéal gach uair a labhrann sé: glór balbh aige 'n-a phlucaibh in ionad fuaim an fhocail. "Plob plob" ag déanamh aithrise ar dhuine ná bíonn a chuid cainnte soiléir. "Plob!" agus ag síneadh na méire ar an am gcéadna chun béil an duine a bheadh ag labhairt.

plobachas: *f.1.* mór-chuid cainnte gan deallramh. Ní fhoidhneóchadh éinne leis an bplobachas cainnte a bhíos ar siubhal agat, budh dhóigh le duine ort ná tiocfá go dtín bhfocal déidheannach choidhche lé méid t'eólais: ag síor-chur asat is gan aon fhuaimeant leat. Leath an phlobachais a bhíos aige ní thuigim: cainnt bhalbh neamh-shoiléir.

plobaire: *f.4.* lógóiridhe leinbh, plucaire, cainnteóir neamh-shoiléir. Éist a phlobaire, ní bheinn ag éisteacht léd phlobaire chainnte: neamhshoiléir, neamh-chruinn id bhriathraibh. An plobaire leinbh sin, liathfadh sé thu ar nós an phiscín i rith an lae: ag síor-chnáimhseán. Plobaire gan chruadhacht gan fuinneamh: feólmhar, siománda.

plobaireacht: *b.3.* breis chainnte, neamh-shoiléire úrlabhra, tut-bhalbhacht. Cad é an phlobaireacht a bhí ort-sa thíos ar an sráid ghom mhaslughadh-sa: cainnt nár oir. Cuir uaim do chuid plobaireachta ach má tá aonnidh lé radh agat, abair é: cainnt ná fuil soiléir. Ní thuigfinn-se leath na plobaireachta bhíonn aige: stad is tut-bhalbhacht. Ní plobaireacht atá uainn ach gníomh: breis den gcainnt.

plobán: *f.1.* gutadh, talamh trom, bog. An bóthar ar fad ina phlobán tar éis na báistighe is an bualadh tucaillidhe atá air: lathaigh righin is ciseacha. Treabhadh siocáin is ag fuirseadh plobáin: crústaidheacha fliucha, righin cré. Plobán go glúinibh ar na saighdiúiridhibh mar a bhfuil an talamh pasálta aca féin is ge n-a gcuid armála is fearais: pludadh agus gutadh.

plobar: *f.1.* righneachas, smúit bóthair ina pludadh. Fágadh na prátaidhe ar an dteine go rabhadar leachta, ní raibh ionta ach plobar!: dlúimh nó taos righin. Mar a bhfuil plobar ann, lá táithte an tsneachtaidh, go mbeadh plob plab féd chosaibh aige: tuflais. Níl sé chómh slachtmhar chun scéil agus bhíodh, ó chaill sé na fiacla níl aige ach plobar: cainnt gan soiléireacht.

plobarach: *a.* streallach. An glór plobarach a níonn an láir ag déanamh a cuid fuail: glór bog mar bhuaileann ar an dtalamh is scaipeann mór dtímcheall. Déineann éirghe na taoide glór plobarach suas i bpoll na faille: bog, clabhtach.

plobarnach: *b.2.* glór mar déanfí sa scórnaigh, siosarnach, stialláil a ghníos iasc san uisce; an glór bog a bhíos ó bhrógaibh go mbíonn an t-uisce isteach 'samach ionta;

úrlabhra neamh-shoiléir. Plobarnach ag an mbeathuisce ag teacht as an mbuidéal: siosarnach. Mo bhróga ag plobarnaigh: glór bog aca mar ghaibheann an t-uisce isteach 'samach ionta. An breac ag plobarnaigh ar thóin an bháid 'san uisce: glór suaidhte.

plobarnghail: *b.3.* do dhéanamh glóir mar uisce ag fliuchaigh nó ag fúscadh; neamh-shoiléire cainnte; plaspghail bheól nó teangan. Bhraitheas rud éigin ag plobarnghail san uisce mar bheadh breac ag léimrigh: an glór a ghníos uisce ciúin nuair corruightear é. Pioc dá chuid plobarnghala ní thuigim: cainnt neamh-shoiléir. Dá mbeadh na bróga san tirim is díon-uisce ní bheadh an phlobarnghail sin aca: glór an uisce ag fúscadh asta ar gach coiscéim.

plobartha: *a. n-dh.* bog, borrtha. Na pluic phlobartha atá air ní thaidhbhsigheann sé sláinteamhail: atuighthe, séidte. Plobartha atá sé ó dhigh, ní haon chothughadh ceart é sin air: borrtha.

plobghail: *b.3.* cainnt neamh-shoiléir; glórghail mar bheadh duine idir ghol is osnaghail. Ná bí ag plobghail ghuil mar bheadh amadán, má buaileadh féin tu, croith suas tú féin: ag gol 'sag osnaghail. Ar an bplobghail a bhí aige ní thuigfinn focal uaidh: neamh-shoiléire cainnte mar bheadh ag duine is é ag itheadh ar an am gcéadna. Chloisfeá an fharraige ag plobghail i gcoinnibh an bháid i gciúnas na hoidhche, nó na mion-tonna ag leaghadh ar an ngainimh: ag déanamh glóir buig ceólmhair. Stad det chuid plobghala: pusghail.

plucóid: *b.2.* buag, pionna, dallán, sconnadh. Tairngeadh an phlucóid as an soitheach is shil sé a raibh ann: a pionna a bhí san oscailt air.

plód: *f.1.* sluagh mór, gasradh, scata. Plód mór daoine bailighthe tímcheall ar an árdán ag éisteacht leis an óráididhe. An namhaid dhá ruagadh ina phlódaibh: díormaidhe saighdiúiridhe. An t-aodhaire is a phlód caorach dhá thaisce aige i gcóir na hoidhche: scata. Plód capall ag inbhear ar thaobh cnuic: cuid mhór.

pluc: *f.1.* leaca (taobh aghtha) an duine, ó íochtar súl is cluaise go smig is corrán; in ainmhidhthibh an t-ionad cosamhail leis; borradh, at, iogán, cnapán, "bolg". Na pluic atá air lé feóil: a leicne beathuighthe. Ó thainighis 'on cheanntar so tá pluic tagtha ort: chuadhais i mbeathuightheacht. Is rí-dheacair an nadhbhóg san do rámhaidheacht tá pluc uirthe amuigh ge n-a gualainn thosaigh dheis: éirghe amach seachas an chuid eile dhi: cnapán. Droch-shaoirseacht ar an bhfalla san féach na pluic atá air annso agus annsúd: iogáin, builg: cuid den saoirseacht leigthe amach as a díreach. Ná bí id cheap magaidh ag éinne ná a theanga ina phluc ag éinne fút (chughat): ag stealla-magadh. Dá fheabhas a bhí sé dhóibh is ar thug sé dhóibh in obair is in airgead ní bhfaghadh sé uatha sa deireadh ach an focal budh mheasa ina bpluc: ina mbéal: gur bh'fhéidir leó cuimhneamh air: tarcuisne. Tháinig pluc ar fheadán an rothair mar a raibh sé lag: d'éirigh sé amach ina bholgadán. Cuirfidh an biadh san pluic ort: beir breágh beathuighthe dá bharr.

plucach: *a.* beathuighthe tímcheall na bpluc; borrtha, cnapánach. Fallaidhe plucacha: go mbeadh an tsaoirseacht bolgtha amach annso agus annsúd ionta: iad iogánach. An bád plucach ó thaobh di: gan an plannc in ionannas uirthi, éirighthe amach annso agus

annsúd. Na cosa plucacha atá fé: colpaidhe reamhra aige. An plucach tóna atá thiar air: tón taithigeach, reamhar.

plucadh: *f.* (*-ctha*) do líonadh go béal; do dhingeadh, do phalcadh. Bheadh sé, an t-airceachán, ghá phlucadh féin le biadh go tráthnóna: ghá chur air féin. Ag plucadh baraillidhe le hubhlaibh a bhíos: ghá líonadh go cóirighthe, socair. Is maith atá sé chun na pípe do phlucadh: do tharrac.

plúcadh: *f.* (*-ctha*) múchadh, teannadh. Ghaibh an uain fharraige lastuas díom agus bhrathas me féin dhá phlúcadh ag an sáile: múchadh: m'anál dá bhaint díom. Ná bídh ag plúcadh orm isteach, táim dhá brughadh agaibh: ag teannadh.

plucaim: *b.a.* líonaim, teannaim, borraim, tairngim (píp). Phluc sé a chraos lé biadh: d'at sé amach a phluic leis. Is í rogha annso í, fair mar phlucann sí an phíp: thairngeann uirthi. Pluc na malaidhe go maith den olainn, i slighe is ná raghadh loca eile ionta: líon go teann iad. Plucfad de phlúr an sac so: líonfad is díngfead.

pluchaim: *b.a.* teannaim, brughaim, múchaim, tachtaim. Phlúchfadh an deatach so éinne tá sé chómh géar san, teich: mhúchfadh: bhainfeadh a anál de. An fharraige mhór ag gabháil lastuas de a phlúch an fear bocht: a mhúch is a thacht é. Plúchann an chasachtach an scórnach aige: tachtann.

plucaire: *f.4.* duine go mbíonn pluic mhóra aige; craosaire. Plucaire ná féadfá biadh do theannadh leis: alpaire.

plucaireacht: *b.3.* teallaireacht, táthaireacht, deiliús cainnte. In ionad rud do dhéanamh ar shaoiste nó ar uachtarán is amhlaidh do thosnuigh sé ar phlucaireacht leo, gach re seadh do thabhairt dóibh, mar is eolach duit: táthaireacht: cainnt mhío-oireamhnach d'íochtarán. Cuir uaim do chuid plucaireachta, a bhleácaigh óig, ach déin an rud a deirtear leat: do chuid gearr-aighnis. Cad é an phlucaireacht atá air ná déanfadh sé é, dár ndóigh is éigean do é?: stalcaidheacht, ceanndáine, ceanntréine. Fuaireas plucaireacht chainnte uaithi nuair ná ceannóchainn cuid dá ghréithribh: íde bhéil is masla.

plucghail: *b.3.* borradh pluc, fionnach, buile, dubh-tharra (plobarnach leis). Dá bhfeictheá is go gcloistheá ag plucghail thobac (na píope) é sin, is é a bhaineann smúsach aiste: ag ól go guilmeach is go sásta. Ag plucghail bhídh mar bheadh cráin: ag líonadh a chraois is ag slogadh go glórach. Tháinig plucghail air chugham toisc gur eitigheas as an gceann tsláine marcaidheacht do thabhairt do: buile: fionnach nách mór go bhféadfadh leis. Ith lé meón, ná bí ag plucghail: ag alpadh is ag plúcadh. Ná tagadh aon phlucghail ort chugham-sa, mar nách orm atá an chúis agat: saothar is líonrith lé feirg.

pluctha: *a.r.* atuighthe, palcuighthe, dingthe, foirlíonta. Tá an falla san pluctha agus ní dearbhtha atá ná go scéidhfidh sé: bolgtha amach: iogán tagtha ann. Táir pluctha le feóil: borrtha: atuighthe, beathuighthe. Ní cás duit cur díot anois, a bhuachaill, nuair tá do bholg pluctha go maith agat: lán.

plúchta: *a.r.* múchta, tachtuighthe, clúduighthe, fóirlíonta. Mo chroidhe ’on ndiabhal go bhfuilim plúchta agat! éirigh suas díom: múchta, brúighthe. Bheifeá plúchta ag lathaigh dá ngeóbhfá an bóthar san sara raghfá leath na slighthe: sáidhte go doimhin innte, is salach, barcach aice. Is mór liom mar tá ár bhfuireann plúchta i mbéal an bháide: brúighte, teanntuighthe. Is í an bád atá plúchta ag an bhfarraige í: an fharraige ag gabháil lastuas di, ghá múchadh.

pludadh: *f.1.* gutadh, salachar bóthair, úir fhliuch, thais. Na bóithre fliuch salach go mbeadh pludadh go hailt ort ionta: salachar. An bóthar is measa amuigh is é é, bheadh pludadh go cluasaibh ort dhá shiubhal: gutadh: draoib. Stracfainn im dhiaidh sa phludadh é! ag foillsiughadh mo mheasa air. Fáslaigh iad san go bhfuil réim mór fútha, cé nách fadó d’éirigheadar as an bpludadh: ón mbochtanacht is ón iargcúltacht. Fan uatha, chaithfidís an pludadh ort dá bhfaghaidís greim ort: níl aon mheas aca ort. Ní ró-annamh sa phludadh é, an t-aindeiseóir: ag tuiteam lé meisce. Ná tuig gur as an bpludadh d’éirigheas-sa, gur síolbhuigheadh go maith mé: ó dhríodar chinidh. Ag pléidhe lé pludadh riamh: ag obair go fliuch salach. Creid me leis, go bhfuil dearmhad mór ort más dóigh leat go bhféadfá pludadh do chaitheamh sa tsúil air sin: bob do bhualadh air.

pluicín: *f.4.* pluc beag; pluicínidhe na bunóice. Is córach an déanamh atá uirthi, an pluicín deas tóna atá uirthi: cruinn, tiugh.

pluicneach: *b.2.* galar aicídeach a ghoilleas ar sheithribh na scórnaighe etc., is go leanann at é.

plúirín: *f.4.* scoth nó bláth bheag, bean (cailín) aluínn. “Is í plúirín na mban donn óg”: an té is áilne díobh go léir: an scoth. Is iomdha plúirín a chuir me amudha: cailín gleóidhte, mealltach.

plúr: *f.1.* cruithneacht mín-mheilte, bláth; rogha. Is é plúr na bhfear é tar éis an tsaoghail, níor eitigh sé éinne riamh ná níor leig sé tart ná ocras iad: an té is fearr aca. Plúr na mban ar áilneacht: an té is iongtaighe dhíobh go léir. A leicne chómh geal le plúr: an-gheal. Cad as go dtiocfaidh an plúr má bhímíd díomhaoin?: an biadh. Prátaidhe go bhfuil plúr ionta: iad ag “gáiridhe” is dath an phlúir ortha. Níl aon bhaoghal ná go bhfuil plúr sa ghort san (lé barra maith): beatha agus biadh. “Agus do bhí laogh reamhar ag an mnaoi ins an tigh; agus do dheifrigh sí, agus do mhairbh é, agus do ghlac plúr agus d’fhuinn agus do rinne arán sleamhain de” (1. Sam. XXVIII. 24). “Plúr an phráta a theas”: mara n-ithtear te é ní mór an mhaith é. Tagann a gcuid plúir ó neamh chúcha san: a mbeatha go saoráideach ortha, nó ní gábhadh dhóibh oibriughadh ar a son.

plúrach: *a.* geal, bán, biadhmhar ar nós an phlúir, bláthmhar. Prátaidhe plúracha: scabhárdamhail: ag briseadh go geal lé hádh. Ar an gclódh plúrach atá ort, tá sláinte mhaith agat: bláthmhar, deagh-fhéachain, úr. Gach nidh go plúrach: ar fheabhas.

plúr-scoth: *b.3.* rogha na scoth; rogha na roghann. Sí plúr-scoth ban í: an ceann.

plúr-stoc: *f.1.* an chinidh is fearr. Plúr-stoc an cheanntair: an chinidh is sine agus is fearr. De phlúr-stoc mise: de dhaoinibh uaisle.

pluma: *f.4.* crann agus a thoradh – ailp chruinn shóghail go gcroiceann sleamhain, biadh milis ann is an chloch síl leicneach; cnapán luaidhe ar dharadha in áis ag saoir chun dírighe do theasbáint. Is aoibhinn an áit ina bhfásaid toradh go húr/ an dair go róbhreágh gan trácht ar phluma ná ubhall, etc." Chuir sé pluma ar an súil agam nuair bhuail sé lé buille 'e dhorn me: cnapán dubh. "Agus sínfidh me thar Iarasaileam daradha Shamáiria agus pluma luaidhe tighe Athaibh etc." (2. Righthe XXI. 13). Tá an falla mar bheadh an pluma curtha leis: ina dhíreach go cruinn gan lag isteach ná amach. Caith amach do phluma is grúntáil an poll san, féach cad é an aoirde atá ann: cnapán luaidhe ar dharadha nó séirsín.

pobal: *f.1.* cruinniughadh nó cóimhthionól daoine, go háirighthe daoine bailighthe chun teampaill; lucht adhartha i dteampall áirighthe, parróiste; líon daoine; an phoiblidheacht. Ná tabhair náire dhom os chómhair an phobail: os chómhair an tsluaigh, muinntir an pharróiste: na daoine a bhailigheas chun teampaill. Beidh pobal mór ag féachaint ar an gcluiche sin: mathshluagh. Ná tairng an pobal orm léd íde béil: na daoine. Dhá mhilliún pobal na cathrach: an líon daoine a chómhnuigheas innte. Ní fada a fhoidhneóchaidh an pobal an daoirsiughadh arraidhe seo: an phoiblidheacht. Léan air, ní bhaineann sé le pobal Dé: leis na daoinibh a thigheas chun teampaill is a bhíos ag déanamh slighe Dé. Thagadh na poibleacha ó gach áird ag éisteacht lé Peáirneil: na sluaighte. I bhfad Éireann tá an teach pobail ró-bheag do n-a bhfuil ag teacht ann: an sáipéal: an teampall. Cé cuireadh fé ghuidhe an phobail?: gur guidheadh ón altóir is ón bpobal lé n-a anam. B'é a mhian riamh bheith os chionn na bpoibleach: mar cheann-ródaidhe ar na daoinibh ina mhór-thimcheall. Áthas mo chroidhe orm bheith ar mo phobal dúthchais tar éis na mbliadhan tar lear: ameasc mo threabhachais féin. "A phobail na páirte" ars an sagart ag cromadh ar sheanmóin do. Ní fear thu ar aonach ná ar mhargadh ná ar phobal an aifrinn: ar shluagh ar bith. Budh chuma leat ach os chomhair an phobail: ní bheadh rud náireach leat chómh holc in uaigneas.

poblach: *f.1.* duine den bpobal. Níl poblach na go ndearbhóchadh gur fear fíor-mhacánta é. Poblaigh ár bparróiste-ne: muinntir.

poblacht: *b.3.* aiste riaghaltais fé n-a dtoghann na poblaigh nó na hurraidhe an t-uachtarán. Poblacht na hÉireann, na Frainnce etc.

poc: *f.1.* gabhar fireann, fiadh, (coinín) fireann; lasca (leis an mbróig); buille docht. Aonach an Phuic: aonach áitrighthe i gCiarraighe mar a mbíonn poc gabhair go gléasta fé ruibínidhibh, etc., ar árdán mór i rith trí lá an aonaigh – lá an chruinnighthe, lá na margáintidhe, is lá an scaipighthe. B'iongtach an poc a thug sé gur chuir sé an liathróid báire (báide) ó breis is lár slighe an chróidh: buille, stiall. Fuaireas poc ón reatha a shín go breágh galánta ar m'fhaid is ar mo leithead me: pleannc nó buille docht dian. Buail poc air d'fhéachaint an éisteóchadh: buille a mhóthóchaidh sé. Thug sé poc dá uillinn insna heasnaidheachaibh dhom a dhubhuigh iad: buille lé lán-thoil. An chuma ghránda, ait, aimlidhthe do chidheann tú air deirtear gur poc millte fuair sé nuair chodail sé amuigh

uair: gur b'iad na pucaidhe (na daoine maithe, nó an-spirididhe ón saoghal eile) a dhein a dhíth. Do bhuail poc tinnis treasna na bléineann me a mharbhóchadh stail chapaill: doigh throm, ghonta, íogair. Poc cinn nó coise nár bhuailidh thu: tinneas obann gonta. Cuir do lámh i bpoc ceileabhrais: cuir do chártaidhe ameasc na gcartaidhe cinn. Sin é an gabhar gan tairbhe mar ná fuil faic ar an easna féin aige, an calla-phoc: gabhar coillte. Na galla-phuic do ruagadh thar lear: na hallmhuraigh: eachtrannaigh. Is cuma puinn mar gheall air sin anois, is fada imthighthe lé n-a phoc é: imthighthe dho féin gan cúram tighe nó áite air, nó bailighthe leis gan dul ar theacht suas leis. Chuir a bhean fuath an tighe air is d'imthigh sé le n-a phoc: do féin: ar a ádhbhar féin. Mara dtógann do chómhairle scaoil ar a phoc é: leig do a rogha rud do dhéanamh. "...poc gabhair fós, agus righ nách féidir cur ina aghaidh" (Seanráidhte XXX. 31): ceann láidir fireann. "Do sheól chughainn crón-phuic go Banba": na Sasanaigh.

póca: *f.4.* máilín nó mealbhóigín chun airgid nó mion-rudaidhe d'iomchar is é oibrighthe isteach i mball éadaigh; maoin airgid, airgead; aon rud i bhfeirm saic. Cuir id phóca é, is gheóbhair gnótha dhe: an rud ná beadh call ar láthair na huaire leis ar é do chur i dtaisce b'fhéidir go mbeadh, lá éigin. An t-ólachán an buachaill chun filltidheacha do chur sa phóca teann!: an t-airgead do leaghadh. Ní fhéadfainn dul ar laetheanntaibh saoire mar ná fuil an póca fé dhom: gan mo choisce airgid agam. Is ag an mbarránach atá an póca teann: sparán maith airgid. Ar an lútáil atá air sin tímcheall ort ní haon iontaoibh é ná go raghadh sé id phóca: go ngoidfeadh sé do chuid airgid uait. Dá mbeadh mo phóca fé dhom is iomdha rud do cheannóchainn ná fuil agam: airgead chuige do bheith agam. Pé áit a gheóbhair, pé rud a thárlóchaidh duit is é do phóca do chara: an t-airgead do chúl-taca. Tón an phóca folamh anois: deireadh caithte. Aon áit go mbuailfeadh sé leat bíonn pinginidhe (airgead) póca aige: beagán lé caitheamh ar rudaidhibh neamh-riachtanacha. Scian phóca: scian bheag iondúnta, na lannsaidhe ar mhaighdeóig. Cá bhfuil na hubhla a gheallais-se dhómh-sa? tá siad i gcúinne an ghairdín gheóbhair do dhóthain – lán do dhá phóca/ is cúpla póg ón gcailín etc.: go leór. Lán mo phócaidhe d'airgead agam: cruacha! Sé a phóca ná fuil snaidhm air: caitheann sé go rabairneach. Ciotaidhe lána a néann pócaidhe folamha: iomad dighe a fhágas lom gan airgead iad. As mo phóca-sa an obair seo: is mise atá nó a bheidh caillte leis. Ná bac an té a bhíos ag maireachtaint ar a phóca: gan aon rud ach a thuarastal. An lámh do shíor sa phóca: ag ceannach gach ruda – gan pioc do thoradh na talmhan ag duine. Ní pingin im phóca é: gan pioc dá thairbhe agam. Deineadh póca den líon is bailigheadh an t-iasc siar ann: tairngeadh a dhá cheann chun a chéile gur fhág san tón fada doimhin air i bhfeirm cochaill, mar bheadh sparán mór. Tagann an ghaoth ina pócaidhibh de dhruim an chnuic: ina scallaidhibh obanna. Pócaidhe brollaigh, oscall, cromán, etc. Criosúir síoda póca. Ná bí ag maoidheamh go hait asat féin, an lá is fearr do bhís do chuirfeadh sé ina phóca thu: maidir lé neart, etc., dhéanfadh sé a rogha rud leat. Ná bíodh aon eagla ort go mbainfidh sé aonnidh as do phóca: go gcuirfidh chun deiridh thu: go meallfaidh thu. Ní has do phóca é, mara mbeadh san ní bheadh oiread cainnte agat: ní tú atá ag díol as.

pocadh: *f.* (*-ctha*) (do) bhualadh, do dhingeadh, do theannadh ar a chéile trí bhualadh, (do) phleanncadh. Ní leat-sa na cártaidhe do phocadh: do shuathadh: do chur trí chéile. Leig dóibh a chéile do phocadh go maith ó tá amhras fir mhaith aca ar a chéile: do bhualadh, do dhóirneáil. Fuair an olann pocadh maith 'on mhála is a rádh go ndeachaidh

an méid sin púnt ann: brughadh agus dingeadh. Mara bhfuil an Rúis is an Almáin ag pocadh a chéile ní lá fós é: ag trom-thuargaint. An fhuaim a bhaineann na reathaidhe ag pocadh a chéile as a gcnogaibh: ag pleanncadh. Ag pocadh na peile do shleamhnaigh sé is leónadh a alt: ar tí í do láscáil do.

pocadán: *f.1.* (**pocaidhe**) duine nó ainmhidhe mear, rúiseach. Suidh tamall éigin is ná bí id phocadán mar sin: ag léimrigh thall 'sabhfus. Pocadán gabhair: gabhar a bheadh ar mire ná beadh suidhe ná luighe air. A phocadáin!: a ruathaire!: a rud gan stuidéar.

pocáil: *b.3.* pleanncadh, bualadh; d'iadhamh poll in iomairidhibh prátaidhe mar a sáidhtear na scioltáin. Ag pocáil na bprátaidhe lé cúl ráinne: ag iadhamh poll. Ag pocáil tímcheall na mbláth: ag cóiriughadh is ag brughadh na cré. Ní túisce bhuailid um a chéile 'ná seo an phocáil ar siubhal, tá sé istigh chómh mór san aca dá chéile: an bhruighean, an t-achrann. Dubharthas liom indé bheith ag pocáil, ná raibh a thuilleadh gnótha dhíom ann: tugadh mo pháipéir bóthair dom: scaoileadh chun siubhail me. Brostuigh, ná bí i bhfad ag pocáil, níl mórán aimsire againn chun na traenach: aistrighthe do chur lé chéile i mála.

pocaim: *b.a.* buailim, péacaim, pleanncaim. Phoc sé an liathróid (le camán) ó bhéal báide: thug stiall di. Poc airís an pheil: buail leis an gcois. Má phocair mise airís pocfad an t-anam asat: smísteálfad. Crústa chómh cruinn aige go bpocfadh sé trí fháinne an chaid: go gcuirfeadh leis an gcois. Cé phocfaidh na cártaidhe?: shuaidhfidh iad roim a roinnt amach.

pocaire: *f.4.* duine nó ainmhidhe guairneánach nó ceanamhail ar throid; duine anamamhail; císte beag tanaidhe a bácáltar ar ghreidil; blodh. "Pocaire" leas-ainm ar dhuine go mbeadh "éadan reatha" air: dána, do-thuigseanta. Pocaire na mbánta: an pilibín midhg (an meaig). An pocaire gaoithe: an bod gaoithe: an seabhac buidhe a fhanas ar fholuamhain san aer ag crochadh a sciathán. Is é méid a fuaireas-sa dá mbéile pocairidhe fuara an bhuird: na blodhtacha fuighligh. B'fhearr leis bheith ag imtheacht ina phocaire ná bheith ag déanamh aonnidh de bhláthas: mar rud a bheadh ag léimrigh ó bhall go ball. Is mithid do san anois atá isteach sa déagaibh go hárd a bheith ina phocaire garsúna: cruaidh, láidir, taithigeach. Thug sé an oidhche ag imtheacht ina phocaire ar fuaid an halla rinnce: go rúiseach. Nách é Pilib an gheitire an pocaire: a thugas léim árd ó áit go háit.

pocaireacht: *b.3.* lé díomhaointeas, ag dul ó áit go háit, ag damhas; ag caitheamh tóna. Na huain nách gleóidhte iad ag pocaireacht ar fuaid an ghuirt: ag léimrigh lé teasbach. Mara stadair den bpocaireacht caithfidh an rinnce stad. Léimreach ag suathadh na ndaoine ag pocaireacht ó bhaile go baile a chaitheann sé a shaoghal: gan aon aidhm ar aon rud do dhéanamh aige. Na coinínidhe ag pocaireacht dóibh féin ar an bplásóig uaim síos sa bhfaill fé theas na gréine: ag léimrigh 'sag súgradh.

pocálaim: *b.a.* buailim; palcaim, brughaim is dingim. Rith, pocáil do mhála is bí ag cur díot nó beir déidheannach: cuir do mhaingisínidhe, t'aistrighthe. Pocáil an iomaire sin: buail lé harm í, liocuigh is cóirigh go deas í. Pocáil i gceart na cártaidhe agus ná bí d'iarraidh bailcín do chur ionta: suaidh iad go neamh-chalaoiseach. Pocálas mo chuid

éadaigh is leabhar is bhailigheas liom as an dtigh diabhail: chuireas lé chéile i mála nó i sac. Pocáltí an t-iasc leasuighthe i mbarraillidhibh is seóltí thar lear é chun margaidh: líontí go teann.

pocálta: *a.r.* palcuighthe, brúighte, dingthe go teann, suaidhte. An bhfuil na cártaidhe pocálta do dhóthain duit?: an bhfuilid curtha trí chéile (suaidhte) chun do shástachta? Pacaidhe pocálta d'olainn lán: dingthe go smig. Bíonn na cártaidhe pocálta aige: cuireann sé bailcínidhe ionta d'fhonn an rogha do bheith aige féin.

pocán: *f.1.* cala-phoc, gabhar fireann coillte; duine go mbeadh féasóg fágtha aige ag fás fé n-a smeigín. "Connus taoi an aimsir seo?" – "mar pocán" .i. gach léim as mo chorp lé teasbach. Cuirfead ag léimrigh thu ar nós an phocáin: ag eiteallaigh, lé gach buille no focal cruaidh tabharfair léim. Chómh neamh-meabhrach lé pocán gabhair: gan aon stuidéar. "Mara mbeadh aige ach pocán gabhair bheadh sé i lár an aonaigh leis": ag déanamh taidhbhse de n-a mbíonn aige dá luighead é. "Is mar a chéile bheith ag lorg olna ar ghabhar nó ag iarraidh abhrais ar phocán nó bheith ar thóir airgid orm-sa": nidhthe nách féidir fagháil.

pocán: *f.1.* mála beag, crapadh in éadach, póca i líon; éadtromán. Ag tabhairt déirce don phocán lán: ag cur ruda a bheadh fóirlíonta cheana. Mo thruagh í an bhean bhocht, tá sí ina máthair pocáin riamh agaibh: an mála thiar uirthi ag bailiughadh chughaibh. Tímcheall a gualann atá an-dhroich-dhéanamh ar do chasóig, tá pocáin ionta: crapadh: flúirse éadaigh, roc.

poc-fheádhaire: *4.* duine díomhaoin ná bíonn aon mhairg air ach bheith ghá aoibhneas féin. Ráiseanna, peil is rinncidhe atá ag baint a mheabhrach den bpoc-fheádhaire sin. Na tighearnaidhe talmhan ina bpoc-fheádhairidhibh ag imtheacht thar lear ag caitheamh císeanna bhochtán feirmeoiridhe na hÉireann: gaigidhe tugtha d'aoibhneas is do shaoghal mhaith. Aon diabhal gnóth níl annso dhe ná lugha ná theastuigheann sé ó éinne, téigheadh sé ina phoc-fheádhaire in áit éigin eile: ina dhuine ná fuil uaidh ach bheith ag féachaint ar dhaoinibh eile ag obair.

poc-fheádhaireacht: *b.3.* ag súgradh, ag suirgheacht, ag caitheamh saoghail aoibhneasa. Chuir an cogadh deireadh lé poc-fheádhaireachta mhórán daoine, níl an suaimhneas ná an saoghal bog aca a bhí: saoghal tugtha do shógh is do shásamh gach mian. Téighir léd chuid poc-fheádhaireachta i mball éigin eile agus leig dúinne rud éigin do dhéanamh: cleasa is áilteóireacht. Is mór go léir an phoc-fheádhaireacht í, peictiúiridhe anocht rinnce ist oidhche ambáireach is gan aon chuimhneamh ar thigh: imtheacht le haer an tsaoghail.

póg: *b.2.* teannadh caoin na mbeól ar a chéile go leanann smeachadh go minic é; teannadh mar seo ar láimh nó ar aghaidh i mbeannachadh cómhartha ceana nó grádha é. "An chéad bhliadhain bliadhain na bpóg an dara bliadhain bliadhain na ndorn": beatha phósta. Do phóg: póg me. Plaspa, plaspóg póige: póg throm. "Is dílis cneádha carad, ach is cealgach iad póga na namhad" (Seanráidhte XXVII. 6). "Agus adubhairt Íosa leis, a Iúdais, an lé póig a bhraitheas tu mac an duine?" (Lúcás XXII. 48): cómhartha ceana leis na beólaibh ar an aghaidh. "Cuirid na dearbhráithre uile beatha agus sláinte chughaibh.

Teannaidh féin lé chéile moille le póig naomhtha" (1. Coirn. XVI. 20). Ó, póg is míle fáilte as barraíbh geal do lámh: teangmháil na mbeól leó. A bhean is mílse póg. Nuair bhíonn rud imthighthe is gan dul ar theacht suas leis deirtear, "tabhair póg do chos an ghirrfhiaidh anois". Bhaineas póg di i gcoinnibh a tola: theangmhálas mo bheóla lé n-a beólaibh. Thugas teóra póg di: trí póga: cuid mhaith. "Acht do thug an fear a bhraith é cómhartha dhóibh-sean ghá rádh, "gidh b'é neach do dtabharfaidh mise póg, is é sin é; beiridh air"" (Matha XXVI. 48).

pógadh: *f.* (*-gtha*) do theangmháil nó teannadh beól ar a chéile. Is beag aige an leabhar do phógadh: dearbhadh ar an mbíobla (go bréagach). Bímís ag ól is ag rinnce lé ceól, bímís ag ól 'sag pógadh na mban: beól ar bheól leó lé cion ortha. Ag búrdáil a chéile indiu, is ag pógadh a chéile ambáireach. An amhlaidh a mheasann tú an talamh go siubhlair air do phógadh?: dul ar mo ghlúinibh agus mo bheóla do chur ar rian do chos lé humhlaidheacht duit.

pógaire: *f.4.* duine tugtha do phógaibh nó a cheana do chur in iúil. Ní lugha liom an sioc 'ná an pógaire meisceamhail sin: póitire a bhíos ag pógadh gach éinne ag tnúth lé digh.

pógrás: *f.1.* rás socair cos cómhshnámhach. Ghluais sé leis ar a phógrás go lúthmhar, láidir: deabhadh maith gan iomarca duaidh.

poibleacán: *f.1.* cáin-bhailightheoir. B'fhuath leis an gcinidh Giúdach iad i dtaobh a mhío-mhacántachta agus toisc gurb iad fóghantaidhthe dulta na Rómhánach iad. "Agus an t-am do chonnacadar na Pairisínigh sin adubhradar lé n-a dheisciobalaibh-sean, cad fáth go n-itheann bhur máighistir i bhfochair na bpoibleacán(ach) agus na bpeacach?" (Matha IX. 11). "Cé den dís seo a rinne toil a athar?" deirid sin leis, an chéad fhear. Adeir Íosa leó san, "adeirm-se libh go fírinneach go dtéighid na poibleacáin agus na striapacha rómhaibh-se go flaitheas Dé". (Matha XXI. 31).

poiblidhe: (**puiblidhe**) *a. n-dh.* coitcheann, fóir-leathan ameasc daoine, follus, craobhscaoilte coitcheann, ag baint lé, nó ag goilleamhaint ar na daoinibh. Ní mór an mhaith dho stad anois, tá a ainm (olc) go poiblidhe: rithte ameasc na ndaoine. Lá saoire poiblidhe: spriocuighthe le hughdarás. Maitheas phoiblidhe an bóthar nuadh san, is mór mar oir sé: do thairbhe na coitchiantachta. Gan leabharlann phoiblidhe i mbaile mór is mór ar fad an cur-siar é: oscailte dos na daoinibh chun áise do bhaint as. Páirc phoiblidhe seadh Páirc an Fhionnuisce in Áth Cliath .i. dos gach éinne chun aoibhneasa do bhaint aiste. Namhaid phoiblidhe seadh é, níl éinne saor uaidh: sin é tuairm na dlighe. Conntae é sin go bhfuil an spirid phoiblidhe ann: spirid cheart na dúthaighe. Ritheadh bille poiblidhe sa Dáil: bille a bhaineas leis na daoinibh i gcoitchinne. Gnóth poiblidhe bóithre an chonntae do choimeád in órdughadh: tá sé de mhuirearaighe ortha. Cuir uait, ambaist, fear poiblidhe éinne atá ar Chómhairle an Chonntae: atá, is a bhíos, os chómhair na ndaoine. Ní maith bheith ag ceilt an scéil anois, tá sé poiblidhe: i mbéal na ndaoine. Scaoil sé uaidh go poiblidhe! gan pioc náire air: rinne sé a chuid uisce etc. i gcómhradharc gach éinne. Cuireann an riaghaltas oibreacha poiblidhe ar bun i ngach ceanntar ó am go ham: gur féidir lé héinne adhmannas d'fhagháil ortha. Leathadh go poiblidhe orm gur mé a lámhach é: innseadh é ó bhéal béal.

poiblidheacht: (**puiblidheacht**) *b.3.* craobhscaoileadh, follasacht; an choitchiantacht. Ar fuaid phoiblidheachta na hÉireann a bhí ainm Pheáirnéil i mbéal óg is aosta: ag na daoinibh go léir. Machtnuigh nách é an rud a tuigtear do dhuine poiblidhe féin a oireas do a dhéanamh ach an rud a tuigtear don bpoiblidheacht: don sluagh. An lá a chuirir siopa chughat cuimhnigh go gcaithfir bheith aireach ar an bpoiblidheacht do shásamh, ós ortha atá do mhaireachtaint ag brath: furmhór druinge na ndaoine. B'fhuraist aithint go gcrochfí é, sar ar tástáladh in ao'chor é, bhí sé cionntach ag an bpoiblidheacht: furmhór na coitchiantachta. Bheadh breis mhór daoine i láthair ach ná fuair an cruinniughadh aon phoiblidheacht: fógairt ameasc na coitchiantachta. Is minicighe gurb iad na droich-bhearta is mó a thugas poiblidheacht do dhuine is nách iad a dheigh-bhearta: a chuireas a ainm i mbéalaibh na ndaoine. Bhailigheadh an phoiblidheacht go léir lá an easbuig ar ár mbaile-ne tímcheall lucht cleas mar b'annamh lé feicsint aca iad: sluagh mór na ndaoine. Fear séanta poiblidheachta chun a chirt féin do thabhairt do seadh é: nách maith leis a ainm do bheith ós chómhair an tsluaigh.

póicéad: *f.1.* cúláis bheag dhorcha, áit chúthail gan solasmhaireacht. Poicéid sheómraidhe atá ann, gan puinn fara slighe leapan ionta is fuinneóga beaga ortha: "púicínidhe". Ní stáblaidhe atá ar chúl an tighe úd ach dhá phóicéad bheaga nách mór go bhfuil slighe do chapall ionta: dhá chúláis gan puinn fairsinge. Bhíodh an gual i bpóicéad beag fén staighre: poll beag dorcha.

poicín: *f.4.* gabhairín fireann, patalóg fir, cladhaire beag. Féach, dá luighead is dá óige é, go n-éaluigheann an poicín ar aonnidh a bhíos milis: cladhairín. Dar ndóigh ní mór ná groidhe atá sé, níl ann ach poicín: ruidín teann, cothuighthe. Poicínidhe scoile: garsúin bheódha anamamhla lán de ghleódh is de theasbach. D'íosfadh poicín leis coirt: chómh díoghbhálach leis an sean-ghabhar.

póicín: *f.4.* póca beag. Póicín uaireadóra ag gach Ponncán ar thosach a thriubhais. Póicín i bhfolach in áit éigin aige: poillín éigin ina chuid éadaigh ina bhfuil airgead i ganfhios aige.

poic-léim: (**poc-léim**) *b.2.* léim lúthmhar, cosamhail leis an luascadh a néann liathróid den dtalamh. Nuair buaileadh san órdóig leis an gcasúr é, seo ar fuaid na háite é is gach aon phoic-léim aige: ag léimeadh go hárd ón dtalamh go tiugh. De phoic-léim do shroich sé an chaid (peil) a bhí go hárd os cionn na n-imirtheóiridhe: léim éascaidh árd. Ní raibh sé riamh chómh maith ina shláinte, gach aon phoic-léim ar fuaid an bhaile aige: é mear seólta ar a chosaibh. Aon duadh ní chuirfeadh an t-ualach san ar mo chapall-sa, bheadh gach aon phoic-léim aige fé: thairngeóchadh go bog é. An raibh fearg air? éist, a dhuine, is air a bhí sí, gach aon phoic-léim aige: ag éirghe den dtalamh léi. Thug sé poic-léim gur ghlan sé an chonntabhairt: léim obann mhear.

poic-léimreach: (**poc-léimreach**) *b.2.* léimeadh árd éadtrom, éascaidh. Ar dhul dos na himirtheóiridhibh ar an bpáirc agus sar ar caitheadh isteach an liathróid bhíodar ag poic-léimrigh ar fuaid an chróidh, bhíodar ar aiste chómh maith san: bhíodar chómh rúiseach

san lé himshníomh ná féadfaidís gan bheith ag éirghe ó thalamh. Ag poic-léimrigh annsúd im thímcheall lé fionnach feirge: ag éirghe ó thalamh as a chorp.

poilitidheacht: *a.* ag baint lé, nó ag tagairt d'ealadhain nó feallsamhnacht dúthaighe, ag baint lé riaghalughadh nó riar dúthaighe, dá bunreacht, feidhm, etc. D'éirigh argóint phoilitidheacht eatartha, gach duine aca i bpáirt camplachta áirighthe go ndeachadar ar na dóirnibh lé chéile.

poilitidheach: *f.1.* duine a chuireas suim i bpoilitidheacht go mbíonn eólas aige uirthi mar ealadha nó a bhíos d'iarraidh uisce do tharrac chun a mhuilinn féin trí bhaint do bheith aige léi. Ná bíodh ach muinghin an bhata lobhtha agat ar phoilitidheach, ní luaithe ar an ngaoith Mhárta ná ortha.

poilitidheacht: *b.3.* ealadha nó eólgaiseacht riaghaltais nó riar is ceannas gnóthaidhe is ócáididhe dúthaighe. "Cad í an phoilitidheacht atá ag an bpáipéar san?" – "poblacht": tuairmidhe is aidhm.

poillín: *f.4.* poll beag, cúinne beag. Cuarduigh, b'fhéidir go mbeadh scilling i bpoillín éigin agat: in áit éigin a bheadh dearmhadta. Tá poillín im ghoile, d'íosfainn rud: mion-ocras orm.

poimp: *b.2.* mustaracht, blomas, uaill, uabhar. Ní fhéadfadh siubhal treasna na sráide gan poimp do bheith uirthi: mórdháil ina himtheacht. Is cuma cá mbíonn an Sasannach, bíonn poimp fé: tóirtéis agus mursantacht. Fé mhór-phoimp ghluais sí suas lár tighe an aifrinn: lé mustar, ag éileamh breithnighthe. "Óir fágfaidh me an fearann ró-aonaránach agus coiscfidh me poimp a nirt; agus beidh sléibhte Iosrael uaigneach ionnas ná rachfaidh duine ar bith tríotha, etc." (Ese. XXXIII. 28): uabhar: mórchúiseach thar teórainn.

poinnte: *f.4.* an ceann géar d'aonnidh, rud a prioctar nó a tolltar; comhartha beag mar dhéanfadh peann nó peann luaidhe, nó úirlis ghéar; ceann tíre; aiste inntine; uain; roinnt, deighilt; cúig thábhachtach; cómhartha fé leith; ceann den dá mharc déag ar fhichid ar an gcompás, áird, ceann géar airm, d'úirlis, etc.; cúinne nó faobhar géar, bior, beann, ponnc; éirim. An bhfuil aon phoinnte eile áitimh anois agat nách féidir liom spior spear do dhéanamh de: aon phonnc. Poinnte eile a dhearmhadas, i dteannta a laige níl leath a ndóthain bídh aca chun seasamh i bhfad asta féin: rud tábhachtach. Dar leis go bhfuil mórán poinntidhe dlighe aige: eólas ar fo-rud tábhachtach a bhaineas léi. Poinnte dlighe é sin ná tuigim: ponnc áirighthe. Cuir do phoinnte féin i gcrích, ná bac dómh-sa: an rud atá idir lámhaibh agat. An poinnte ar an mbóthar gur bhuail sé liom gheóbhainn amach airís é: an áit. Cad é an poinnte in ar ghaibh sé?: treó. Dhruid an ghaoth poinnte ó thuaidh: an dara cuid déag ar fhichid dá thímcheall. Ar phoinnte na baise d'éirigh sé ina sheasamh nuair chuala sé a ainm dhá ghlaodhach: ar an dtoirt. Bhíodar ar phoinnte imtheachta: ar tí. Nuair gheibhtear an ghaoth ón bpoinnte thuaidh an dtacaid seo 'e bhliadhain ní théigheann go maith don gcuradóireacht: as an áird sin. Nuair scairt an ceódh beagán do chonnacamair poinnte talmhan nár aithnigheamair: ceann tíre, rinn mhór fhada, amach sa bhfarraige ón dtalamh ina tímcheall. Tá súil agam go mbeidh sé le rádh agam i láthair mo bháis nár dheinis poinnte gránda ná sprionnlaithe ar éinne riamh: gníomh gur ghábhadh

dhom náire do bheith orm tríd. Seasaimh do phoinnte ar nós an fhir: pléidh do cheart. Ar an gclódh atá anois air ní dhéanfaidh sé an poinnte, tá sé ag tréighean cheana féin: an bheart. Cad tá ort, mar sin? nách ar aon phoinnte amháin dúinn, ach ná tuigimíd féin a chéile: ar aon aigne amháin. Chuir ár bhfoireann-ne dhá phoinnte isteach: an gnóthughadh is íochtaraighe i gcluiche peile nó iománaidheachta. Dein féin do phoinnte i gcómhnaidhe, agus is cuma dhuit cad dhéanfaidh éinne eile: an rud atá rómhat nó do dhualgas. Is fearr an dreatháir ná é ar gach poinnte: ar gach cuma. Bhí sé ó phoinnte go poinnte gur labhair sé sa deireadh air: ag tagairt don rud so agus don rud úd. B'é toil Dé, moladh is buidheachas leis, ná deaghaidh ann ach poinnte na scine: an fíor-bharra. Scriosta glan-bhearrtha ó phoinnte an chorráin go h-uisinn!: an smeig. Bíonn poinntidhe aite ar siubhal aige ná tuigeann éinne ach é féin: ócáididhe. Cuir poinntidhe annsan anois mar ar stadais: cómhartha. Nuair cuirtear poinnte mar seo ar leitir "b˙" tugtar séimhiughadh air. Sáruigheadh é ar gach poinnte dá chuid fínéachta: ar gach roinnt di. Ar an bpoinnte go n-imtheóchaidh an traen bí ann: ar an uain díreach. Chuir sé gach poinnte i luighe gaibhte ar a lucht éisteachta: na rudaidhe tábhachtacha a bhí ar a aigne aige. Cuir poinnte ar do pheann luaidhe: ceann beag, géar chun scríobhtha. Binn (beann) ró-mhaol seadh í, tairngeadh chun poinnte ró-luath í: do caoluigheadh í.

poinnteáil: *b.3.* díriughadh (ar), deimhniughadh, aimsiughadh, spriocadh, (do) líonadh síomthaidhe idir chlochaibh nó brící i saoirseacht, le moirteál etc., lé rinn liaghain; aicillidheacht; éascaidheacht. Thugas fé ndeara é ag poinnteáil ó thuaidh lé n-a láimh ag teasbáint ruda éigin dom: ag deimhniughadh. Cloisim nách é tusa atá lé poinnteáil mar mháighistir: le spriocadh: beartughadh. An falla tar éis a phoinnteála thaidhbhsigh sé i bhfad níos fearr: síomaidhe na saoirseachta do líonadh. Budh mhaith an phoinnteáil a dhein sé léimeadh i bpoll agus breith ar an té a bhí dhá bháthadh: aicillidheacht gnímh: tapamhlacht. Sin garsún go bhfuil poinnteáil ann: a dhéanfadh rud go héascaidh lé linn an riachtanais.

poinnteálaim: *b.a. ₇ n-a.* deimhnighim, dírighim ar lé, aimsighim, spriocaim. Phoinnteáil sé (lé n-a) a mhéar orm: dheimhnigh sé orm. Is slachtmhar, ceárdamhail a poinnteáladh an falla san: a líonadh na síomaidhe. Deirtí go raibh sé ar an máighistir is fearr do poinnteáladh riamh sa cheanntar: a ceapadh. Luan a poinnteáladh chun a chrochta: Luan an lá gur spriocadh air. Cad n-a thaobh poinnteáil orm-sa seachas éinne eile pé ceann a tógadh díom: mise do thoghadh.

poinnteálta: *a. n-dh.* spriocuighthe, ceapuighthe, socruighthe, tráthamhail, aicillidhe, éascaidh. Cad é an lá atá poinnteálta aca i gcóir na haith-imeartha?: spriocuighthe. Ó tá sé poinnteálta anois agaibh is deacair díbh dul ina chois: ceapuighthe in ionad. Gach maidean bíonn sé go poinnteálta ar a chuid oibre: go tráthamhail. Dein do chúram go deas, poinnteálta: beacht: cruinn.

poinnteáltacht: *b.3.* aicillidheacht, éascaidheacht, luath-ghníomh. Mara mbeadh an phoinnteáltacht a dhein an fear cúil, is ní uair ná dhá uair é, do bheadh báire istigh ag an dtaobh eile: aicillidheacht, praitineamhlacht: a chúram do dhéanamh a luathacht a oir sé. Ní mór an mhaith an neart ar fad gan an phoinnteáltacht: luathacht chun gnímh. Má bhí poinnteáltacht in éinne riamh tá sí ann, is deacair breith ina chodladh air: praitineamhail

in am riachtanais. Le poinnteáltacht mhaith anois, b'fhéidir go mbéarfá ar an dtraen: deabhadh do dhéanamh is gan nóimint aimsire do mheilt. Nuair dhéineann duine rud go cliste, tapaidh, praitineamhail, mar breith ar rud a bheadh ag tuiteam lé conntabhairt, déarfí "sin í an phoinnteáltacht": obair phras, ná hiarrfá a mhalairt.

poinnteamhail: *a.* beacht, mear, praitineamhail, éascaidh. Is maith poinnteamhail a rug sé ar an liathróid a himreadh chuige: pras, cliste. Dá mbéarfadh air in aon ghreim go hobann tá sé an-phoinnteamhail ar theacht as: aon chao nó aon dul ar é féin d'fhuascailt d'fhriothálfadh sé é ar an dtoirt go glic, gasta.

póire: *b.4.* plannda cochallach, an síol a bhíonn ann ithtear é. "Ní fiú gráinne póire é", deirtear lé rud gan tairbhe. Béas oidhche Shamhna dhá ghráinne póire ag ionadughadh buachalla agus cailín do chur ag róstadh in aice a chéile ar lic an teinteáin go mbíd fór-dhóighte go maith, annsan mar léimeann ceann díobh a gcur in uisce agus má fhanaid araon ar bharra nó má shúncálaid, deirtear gur b'shin beirt a phósfaidh a chéile go dearbhtha.

póirín: *f.4.* póire bheag, liathróidín, cloichín chruinn mar bhíonn ag leanbhaidhibh ag imirt cluiche leó; práta beag meathluighthe. Cuir póirínidhe agus bainfir póirínidhe .i. droich-shíol, droch-thoradh. Sin é an droch-ghnáiste bóthair, cad tá ann ach póirínidhe: clocha beaga reatha. Níl toirt póirín in aon cheann aca: iad an-mhion. Mar a chéile duit bheith ghá bhualadh san nó bheith ag caitheamh póirínidhe lé ceann róin: aon mhotháilt ní bheadh aige ortha.

póirse: *f.4.* áth clúduighthe tighe, eaglaise nó aon tógála, áit dulta isteach; aon áit chumhang, poll, etc. Ní raibh poll ná póirse ar fuaid an tighe nár chuarduigh sé: an uile áit. Is é tigh na bpóirsidhe é: tigh go mbeadh iomad cúláis ann. Níor bh'aon mhaith dhuit rud do chur i bpoll ná i bpóirse uaidh gheóbhadh sé amach é: in áit fholaigh. Fág do hata is do bhata sa phóirse: an tslighe ón ndoras isteach: air-phort. "Agus do shéan seisean [Peadar] san ghá rádh, ní thuigim, agus níl a fhios agam cad deirir. Agus do chuaidh sé amach 'on phóirse, agus do ghlaoidh an coileach" (Marc XIV. 68): an bealach cumhang fé dhéin an dorais amuigh. "Suidhfidh an t-uachtarán ann, d'ithe aráin os choinne an Tighearna; rachfaidh sé isteach i slighe phóirse an gheataidh sin agus rachfaidh amach an tslighe chéadna" (Ese. XLIV. 3). Níl poll ná póirse anois agam lé héalódh ann: aon chao ná dul suas. Ní mór an mhaith bheith ghá lorg súd ar shráid an bhaile mar is iomdha poll is póirse a thugann sé isteach: siubhlann sé a lia áit. Is iomdha poll is póirse curtha aige dhe: mórán siubhalta. "Tá póirsidhe an domhain dhá thaidhbhreamh duit", deirtear lé duine a bhíos ag gabháil tímcheall agus cuma na ganfhiosaidheachta air.

póirseach: *a.* lán de phóirsidhibh, bhealachaibh folaigh. Agus mo dhícheall do dhéanamh ghá chuardach bheadh sé ann san áit phóirseach úd i nganfhios dom: puill is slighthe deiscréideach i ngach treó. An iongadh go mbíonn siolla ann is é chómh póirseach: lán de chúláisibh.

póirseáil: *b.3.* curadach, séirseáil, útamáil mar bheifí leis na lámhaibh i mála nó in áit fholamh. Ní stadfair de phóirseáil anois go gcuirfir an tigh trí chéile: cuardach is cur thart.

Rugas ag póirseáil im phócaidhibh air: ar lorg le n-a lámhaibh. Ní dheaghaidh an phóirseáil riamh de: ní bheadh sé sásta gan bheith ag lorg rud lé bualadh chuige. Sin é cat póirseála is measa a bhí i dtigh riamh: cat cuarduighthe is séirseála. Bhíos ag póirseáil rómham go bhfuaireas é: ag cuardach 'sag cur tharm. Níor bh'olc an phóirseáil do dhá chéad púnt do chur lé chéile: an cuardach is an choigilt. Lé n-a chuid póirseála do leag sé na haruistidhe: útámála neamh-ghasta. Dá fholuighthe bheadh rud fé iadhadh an tighe agat gheóbhadh a phóirseáil siúd amach é: cuardach mion, iomadamhail. Bí ag póirseáil rómhat isteach annsan tríd an mbrughadh go bhfaghair áit shuidhte: ag sáthadh is ag lorg. Sa phóirseail dho nár tháinig sé treasna ar dheascán billidhe i bpoll falla a bhí ann lé fios cathain (ní fios cad é an fhaid): séirseáil. Táir gach aon phioc anois chómh holc lé circ chun póirseála: ag dian-lorg i ndóigh is in aindóigh mar bhíonn cearc ar thóraidheacht an ghráinne. Tar éis mórán póirseála do bhailigheas lán na pípe de thobac ar thóin mo phóca.

póirseálaidhe: *f.4.* séirseálaidhe, útamálaidhe, mion-chuarduightheóir. Aon mhaith níl rud do chur i bhfolach ar an bpóirseálaidhe sin, gheóbhadh sé amach an rud a bheadh fé chloich agat: duine a bhíos ag cuardach mar bheadh fé n-a mhéireannaibh i ngach cúil is gnáthóig. Bheadh an póirseálaidhe capaill sin ag cuardach go bhfaghadh sé beárna éigin chun na páirce d'fhágaint, póirseálaidhe cait: ná fágfadh rud in aon áit gan fagháil. Ní bheadh sean-chapall ná fiú na sean-chirce ins na seacht bparróistidheachaibh ná go dtaighdfeadh na póirseálaidhthe tuinncéiridhthe sin amach: cuarduightheóiridhe diana ná fágann árd ná íseal ina ndiaidh.

póirseálaim: *b.a.* ₇ *n-a.* cuarduighim, séirseálaim, rannsuighim. Má phóirseálair an seómra gheóbhair an rud atá uait mar tá sé ann i bpoll nó i gcúinne éigin: má chuarduighir go mion agus go cúramach é. Féach an clódh atá ar an áit, gach aonnidh tóin thar ceann, cé phóirseáil é? Phóirseálfadh sé do phóca chómh tapaidh is d'fhéachfadh tharais: chuardóchadh iad lé haghaidh rud do thógaint. Póirseálfaidh ach póirseálfaidh in aistear: cuardóchaidh is séirseálfaidh ach ní bhfaghaidh faic.

póirseálta: *a.r.* cuarduighthe, séirseálta go mion is go cúramach, útamálta tóin thar cheann. Seadh, cad fuairis tar éis na háite bheith póirseálta ar do thoil agat?: iompuighthe síos suas. Níl de chuma ar an áit seo ach go bhfuil sé póirseálta?: níl aon rud ina ionad ann: gach aon rud caithte as ionad thall 'sabhfus.

póit: *b.2.* meisce, iomarca ólacháin, síor-bhlaistínteacht; babhta tromólacháin; caoir, tart mór. Is mór an phóit í, mar ólann sé leann dubh (aon rud): íota. Raghaid ar póit anocht, tá an t-airgead aca, agus is fada go rabhadar i dtír: ar caoir: mórán dighe. Is é leigheas na póite ól airís: ruibe de chlúmh na con lá'r n-a bhaireach. Budh dheacair do a fhios do bheith aige cad bhí dhá dhéanamh aige is póit air: caoir, meisce. Luigheas lé "fear Chorcaighe" (beathuisce), na daoine a théigheadh lé hím ann a thug leo an ainm seo, ró-mhór airéir, indiu tá póit orm: breóidhteacht na dighe.

póiteach: *a.* tugtha d'iomad dighe, óltach. Ní mara chéile fear a ólfadh a bhraon is fear póiteach .i. ná bíonn sásta leis an mbeagán. Is póitighe d'aicme iad 'ná sinne, is cuma dhuit cad deir éinne: is tugtha do shíor-ólachán iad.

poitín: *f.4.* pota beag, corcáinín; beathuisce a deintear sa bhaile. Dhéanfadh poitín té triúr aca, níl aon dúil aca innte. Crích gach poitín an tón do thuiteam as.

póitire: *f.4.* meisceóir, duine a théigheas ar chaoireachaibh troma. "Óir tiocfaidh an póitire agus an craosaire chun bochtaine agus do dhéan a n-aimhleisce [duine] d'éadughadh lé ceirteachaibh" (Seanráidhte XXIII. 21): an té a ólas an iomad. Truagh an póitire nuair gheibheann an tart an barr buadha air: is annsan a bhíonn ar bhóthar dorcha a aimleasa i gceart.

póitireacht: *b.3.* meisceóireacht; dul ar chaoireachaibh troma. Tá féirín lé n-a saoghal anois aice, creatlach póitireachta: duine mór díomhaoin meisceamhail. A lúthacha go léir ar baillchrith tar éis babhta mór póitireachta do chur de: caoir chroidhearg.

póitreáil: *b.3.* do shlogadh is d'alpadh rudaidhe soghaile, maithe. A chúram san ar an saoghal, agus mo ghradhain é, tá cúram air, bheith ghá phóitreáil féin ó mhaidean go hoidhche: ag alpadh is slogadh rud in-ithte. Ní braon ná dhá bhraon atá uaidh siúd ach é féin do phóitreáil: do líonadh isteach lé digh. Cuir uait do chuid póitreála ach ith ar nós aon chríostaidhe, lé meónaidheacht is béasa: palcadh isteach gan sos gan stad. Beam déidheannach má fhanaimíd leis faid bheidh sé ag itheadh, caithfidh an sutha san an lá ag póitreáil: craosaire ghá theannadh féin lé biadh.

póitreálaidhe: *f.4.* airceachán, craosaire, duine beadaidhe. Muileann na meilte ní shásóchadh an póitreálaidhe sin ar a n-itheann sé de phlúr: airceachán: duine a phalcas iomadamhlacht isteach ina ghoile. Ó, gan amhras, níl iasc úr maith a dhóthain don bpóitreálaidhe, gan mairtfheóil do thabhairt do: duine beadaidhe.

poll: *f.1.* áit fholamh, chuasach, uaimh, oscailt, goin, stracadh i mbalcais, ball doimhin in abhainn; an t-aigéan; draip, cruadhtan ponnc. Níl poll ná áirighthe ná go bhfuil siubhalta agat dhe gan a thásc ná a thuairisc: áit dheiscréideach nó áit fhollas. Idir pholl agus phóirse tá an áit chuarduighthe agam: cúláis déanta i bhfalla nó in úrlár, etc. "Dhéanfadh sé gabháil lán do shaic ort" – "dhéanfadh! poll tónach ag oscailt 'sag dúnadh", deirtear lé tarcaisne is mí-mheas ar dhícheall an fhir thall. "Tá a pholl ar leathadh! sin mar tá aige", deirtear le duine ná fuil aon dul aige ar an rud a bhíos uaidh do ghnóthughadh. Má bhíos i bpoll riamh, táim anois, bóthar fada rómham, spriocaim liom is gan cóir iomchair agam: i ndraip. Ná fág éinne i bpoll más féidir leat: i gcruadhchás. Caitheadh i bpoll é nuair bhí sé marbh aca: in oscailt sa talamh. Is cumhang an poll a dhéanfaidh sinn an lá déidheannach go mbeimís ag achrann lé chéile mar gheall ar fhóidín talmhan: uaigh, uaimh sa talamh. Chuadhas i bpoll ó scoil: an scoil do shéanadh is dul i bhfolach. Chuadhas (chuaidh mo chos) i bpoll sa phortach: shúncálas: chuadhas ar lár. Chuaidh an t-ainmhidhe i bpoll lág-dhomhin (portaigh) is uisce innte. Seachain, nó raghair i bpoll!: tuitfir iseach 'on bhfarraige. Is maith (doimhin) an poll atá idir sinn agus Mearaice: aoirde uisce. Bíodh poll éigin eile agat as an áit seo, ní theastuighir annso: gread leat in áit éigin eile. Ní thaithnigheann an baile liom, tá sé i bpoll: thíos i lag thalmhan. "Coinín i bpoll 'sa cheann amach", lé duine a bheadh ag féachaint trí fhuinneóig, etc., is ná leigfeadh eagla dho teacht amach. Lúb ar lár is gearr go mbeidh ina pholl faillighe i rud: ní fada go mbeidh go haindeis. "Lá na breithe, raghaidh an fharraige isteach i bpoll meangáin!!!" nárbh ait an

smaoineamh ar imtheacht na mbóchnaidhe uile ar neamh-nidh é. Raghadh sé isteach i bpoll meangáin (tarráthair) le heagla rómham! Deóiricín i bpoll na cluaise a raghadh go maith don dtáthaire sin .i. bíonn sé gonta. Chómh bodhar san anois dó ná cloisfeadh sé ag poll do chluaise thu: buailte leat. A thoirt go séidfinn trí pholl srón é: leath-choineann: an-bheag. An lá b'fhearr a bhí sé bhéarfainn liom fé poll m'oscaill é: idir an ghéig suas agus an corp. Cad é an mhaith a bheadh ann, ná fuil a shaoghal caithte i bpoll an adharta aige: cois na luaithe: in aice na teineadh. "Innis do pholl an fhalla é sin b'fhéidir go gcreidfeadh sé thu" nuair ná tugtar géilleadh do scéal. Duit-se atáim ghá innsint, a phuill sa bhfalla: duine gur mar a chéile leis céaca, óir gur do dhuine eile atá ag tagairt. B'fhearr liom bheith i bpoll talmhan 'ná bheith ag éisteacht leis: san uaigh. Cuirfir i bpoll taráthair me má leanair an t-airgead san go léir anois orm: i bponnc: i ndraip. Táim lán go poll an phaidrín, a thuilleadh ní fhéadfainn a bhlas: go béal mo ghoile. Le linn an chogaidh mhóir cheana ní bheadh a fhios agat cad é an poll go mbuailfead bád fé thuinn leat: aon áit. Cuirfeam poll maith san obair indiu má chuirimíd lé n-a chéile: déanfam cuid mhaith dhi. Cuireann san poll maith im chuid airgid: imthigheann cuid mhaith dhe leis. Tá sé chómh neamh-ghéarchúiseach san ná feicfeadh sé poll i ndréimire!: an tslighe idir dhá runga. Seachain ag dul treasna na trágha, tá sí lan de phollaibh súghraic: puill go n-imtheóchaidh duine tríotha síos. Áirigh mo chuid snámha-sa imtheacht ar nós na cloiche go tóin puill: go grineall. Ísligh an corcán poll nó dhó: ins an raca os chionn teineadh tuaithe. Amuigh ar an bpoll i rith na hoidhche, ní subháilceach é: ar bholg na farraige móire. Ní raibh uatha ach an chao chun mé d'fhágaint ar pholl mo thóna: ar an bhfóraoil. Chaithfeadh sé an lá ar pholl a thóna: ag caint leis na daoinibh: suidhte síos. Poll na feadghala: uaimh i dteórainn an uisce go mbainfeadh ionfairt an uisce tríd glór as. Tráigh í sin go bhfuil a lia poll guairneáin innte, is nár bh'fada an mhoill uirthi tu d'fhágaint amuigh: cuilithe uisce ag casadh go mear. Féach "poll séidte": duine ná fuil aon bhrigh fágtha ann. Ná tuitidh in ísle bhrighe fós, budh cheart go mbeadh púnt i bpoll bradach éigin agam-sa fós: in áit éigin iargcúlta. Ar shaidhbhreas na cruinne ní chómhnóchadh sé sa pholl tóna san: áit iargcúlta. Raghadh sí trí pholl eochrach (glais) chuige: guilm uirthi chuige: fonn an domhain. Tá poll im ghoile: breac-ocras orm. Lá d'fhágas mo chasóg ar stioca cruithneachta, um thráthnóna bhí sí ina criathar poll ge creagaraibh: oiread mion-pholl 'sa bheadh i gcriathar innte. Féach an íde atá orm, thuiteas i bpoll báidhte .i. a bhí lán d'uisce. Tabhair poll tóna an bháid sa ghaoith is abhaile leat: rith fairsing í. Cá ndéanfar an poll duit?: an uaigh. An tigh tógtha i bpoll múchta: lág-dhoimhin. Raghadh sé i bpoll meanaithe bhí sé chómh neamh-thoirteamhail sin: poillín an-bheag. Ná bí ag déanamh poll meanaithe ionam ar gach rud adeirim is a dhéinim: ag fagháil mion-locht. Pollaidheacha mo bhróg ró-chumhang don éill. Cuirfidh an méid sin bídh poll mhór sa bhliadhain: mairfidh sé tamall maith isteach innte. Poll soithigh: an oscailt go gcuirtear nó go dtairngtear lionn tríd. Cuireann do chárta i bpoll me: is deacair dom a bhualadh. Is é mairg a chuireann an saoghal air sin – logall súl méith agus poll tóna gioblach: gach aon rud do chur 'on bholg is cuma cad é an saghas éadaigh a bheadh air. Baoghal mór ar a pholl tóna obair do dhéanamh: gan aon truagh do bheith dho ach oiread lé héinne eile. Is furaiste breith ar pholl tóna anois air tar éis saothair an lae: ní deacair labhairt leis: tá sé mínighthe. Níl aon pholl a dhéanfainn go maidean ná go gcuirfeadh sé plochaid ann: pé áiteamh nó argóint a bheadh agam sháróchadh sé me. Bí deas cúthail, tá pobal ar an dtigh .i. duine éigin ag cluasghail. I bhfad is i bhfad bhítheas i bpoll an amhrais air, daoine ghá rádh gurb ar a cheann budh cheart an choir d'agairt, a thuilleadh nár bh'eadh: gan iad i

ndán breithe do thabhairt. Ar an imtheacht atá ort cuirir i bpoll an amhrais me id thaobh: cuirir mearbhaill breithe orm.

polla: *f.4.* cuaille, staic, cleith, piléar; gaiscidheach, cosantóir, taca. Polla báid: cleith fhada is fearas i bhfeirm dubháin ina barr chun báid do shaoradh cois calaidh nó luinge, etc. Pollaidhe an teileagraif .i. na cuaillidhe árda a iomcharas an ronn (an cairche). Níl aon bhaoghal, mhuise, gur gábhadh dhom aon eagla do bheith orm faid atá polla mar tusa agam: taca. D'imthigh an polla is fearr a bhí againn an lá d'fhág sé an parróiste: an taca: fear seasta cirt dúinn. Dhá pholla barrachta ag an ngeatadh: dhá bhloc árda saoirseachta. Rithfidh na capaill ráis agus an chéad cheann ag an bpolla sin é a bhuaidhfidh: an cuaille a chómhartuigheas críoch an chúrsa. Polla fir anois é agus is mithid do san: cuaille: fear cumasach. Mothalluigh thu féin, tóg do lámha as do phócaidhibh, is ná bí id chrann-laoch polla annsan: id choilig-sheasamh, árd. Bheir duadh ort, ach tá an polla sroichte agat: ceann-spric. Cuir polla i dteannta: ná leig tú féin chun deiridh (ar lár).

pollach: *a.* lán de phollaibh, ionphollta. Chaith an t-adhmad an iomad aimsire ar an bhfarraige, tá sé pollach: giúdóg ar gach órdlach de. Billeóga an ghabáiste chómh pollach lé criathar ag piastaidhibh: ithte. Níl an dair sin chómh pollach is budh dhóigh leat, tá sí ró-chruaidh do thairnge: claon lé polladh.

polladh: *f.* (*-llta*) do thochailt, do tholladh, do thóch, do sháthadh (roim); do thaighde. Adhmad ró-chruaidh é sin agus is deacair é do pholladh gan tarráthar: poll nó oscailt do dhéanamh ann. Iongtais seadh é an polladh a dhéineann coinínidhe i ndaibhch: na rapacha do thaighdid. Ní bheinn ag polladh mo lae leat, gheóbhainn gnóth éigin budh thairbhighe dhom 'ná bheith ag comh-chainnt leat-sa: ag caitheamh coda dhe. Deineadh an iomad pollta isteach fén bhfaill is nuair baineadh an bun uaithi anuas léi: iomad taighdte. Ár ndóthain mór cúraim a bhí orainn polladh i gcoinnibh na gaoithe, bád do-rámhaidhte a bhí againn. Bí ag polladh leat abhaile anois: ag cur díot (is mithid, tá an aimsir go dona, nó lé deabhadh). Aithnighim go raibh póirseálaidhe éigin ag polladh ar an sparán so, tá ádhbhairín in easnamh air: ag lorg 'sag tógaint as. Níl aon teóra lé franncaigh chun pollta fé fhalla: taighde agus slighe do dhéanamh dóibh féin. Mo thuairm ná fuilimíd ag polladh ionta in ao'chor (rás, rámhaidheacht, etc.): ná fuilimíd ag druideam leó. Caitheadh na bliadhanta ag polladh an mhúcháin fén gcnoc: ag tóch is ag taighde is ag scartadh slighe fé. Tá aos maith aige, is dócha go bhfuil sé ag polladh ar na cheithre fichid, mar deirir: ag druideam leó isteach. Aon fheabhas níl ag dul air, ag polladh isteach ann atá an aicíd: ag gabháil breis ghreama ann.

polladóireacht: *b.3.* ag taighde thall 'sabhfus ar lorg mianaigh, gairbhéil, móna etc. An lá ar fad caithte agam ag polladóireacht ar mhóin, tá sí chómh tearc san anois: ag tástáil ó bhall ball. Dheineadar polladóireacht ann ach ní bhfuaireadar an ghnáiste a thaithneóchadh leó: taighde. Budh dheacair é do shásamh mar cheannaidhe, bhíodh sé ag polladóireacht ar an ím lé n-a mhéir is ghá bhlas: ag sáthadh a mhéire thall 'sabhfus ann. Ná bí ag polladóireacht ar fuaid an tseómra san, níl aon rud ann lé fagháil agat: ag cuardach go cúramach.

pollaim: *b.a. 7 n-a.* taighdim, tóchaim, tollaim, déinim mion-phuill, sáthaim i gcoinnibh. Poll rómhat isteach tríd an sluagh: déin do shlighe. Ní phollfaidh an bád san choidhche i gcoinnibh na gaoithe, tá píce (gaoithe) ró-ghéar im choinnibh: ní sháidhfidh: ní dhéanfaidh a bealach. Go bpollaidh an fheóil ort, a shutha, maran ort atá an ghuilm chúiche: go bpléascair léi. Pholl an tarbh i gcoinnibh an fhalla é: ghoin: chuir a adharca thríd. Pollfaidh an beithidheach san fiche púnt lá an aonaigh, tá blathas breágh feóla uirthi: raghaidh a cuid airgid isteach 'samach leis. Dar lé Seán Buidhe go bpollfaidh sé tríd an gcogadh so go buacach, ach má phollann ní bheidh mór-chuid i dtóin a shnighte ina dhiaidh aige: go dtreabhfaidh tríd ar chuma éigin. Pollfaidh sé amach an céad ar an sláinte atá aige agus an chuma atá air: sroichfidh. Poll ar do phóca, b'fhéidir go mbeadh rud éigin i nganfhios ann: cuarduigh go maith. Pollfad lé tárrathár leath-órdlaigh é: osclóchad air. Pollann sé orm-sa aon rud mí-cheart do bheith ort-sa: goilleann sé orm. An bhfuil a fhios agaibh mara ndéintear breis dheabhaidh go bpollfaidh an turus an lá orainn: go mbeidh an lá caithte leis.

pollaire: *f.4.* aon rud a phollas; séirseálaidhe, poirseálaidhe, útamálaidhe. Pollaire maith tarráthair é sin .i. déineann a ghnóth go slachtmhar. Má tá tobac in aon áit is cuma cá gainne é, sroichfidh an pollaire úd é: duine a chuardóchadh árd is íseal, dóigh is andóigh. Dá mbeadh greim agam ar an bpollaire cait a árduigh leis mo ghreim feóla do thachtfainn é: cat ná raghadh faic de gan aimsiughadh. An bhfágann an pollaire an tigh in ao'chor?: leadaidhe leasc.

pollaireacht: *b.3.* do dhéanamh poll, do shéirseáil, do phóirseáil, do mhionchuardach. Beir ag pollaireacht ar do chuid airgid go hait go dtí go mbeir ar an bpinginn dheireannaigh gan aon choinne agat leis: ag baint beagainín as ó am go ham gan puinn riachtanais. Níor fágadh cúil ná cúinne fé iadhadh an tighe ná gur deineadh pollaireacht air d'fhéachaint an bhfaghaidís arm: taighde agus cuardach. Pé áit go mbíonn sé ag pollaireacht, agus is deacair dul amach ar a ghnáthógaibh, ní leagann neach súil air: go bhfuil sé ghá fholach féin. Beir ag pollaireacht is ag pollaireacht ar an ím go mbeidh deireadh ithte agat: ag baint fo-ghreama as.

pollóg: *b.2.* iasc in-ithte mara gaolmhar leis an dtrosc. Sciotóga pollóg: pollóga beaga. Ag marbhadh phollóg: dhá n-iascach. Dubhán (baoite) pollóige.

poll-phiastach: *a.* ithte ag piastaidhibh. Prátaidhe (gabáiste) poll-phiastacha.

pollta: *a.r.* tollta, poll (puill) do bheith curtha ann; gointe, an seithe nó an croiceann briste lé rud géar. Tá an bhó dhubh pollta ag an mbuin bháin: adharc curtha trí n-a seithe aice. Sarar éag sí do bhí an céad iomlán pollta amach aice go dtí mí: sroichte. A thúisce is bhí an baile pollta agam chuadhas 'on tsop: sroichte agam luigheas ar mo leabaidh shuain. Fan, tá feadán mo rothair pollta: goin ann is ní choimeádfaidh gaoth. Ní fhéadfadh an leann san gan bheith go maith mar ná fuil an soitheach ach pollta: oscailte, sraoth gluaiste tugtha dho. Nadhbhóg atá an-chonntabharthach seadh í, tá sí an-phollta: mórán poll innte. Budh cheart go mbeadh an aois sin pollta anois aige: sroichte nó in an-ghiorracht do. Bhuadhais gach aon chluiche orm, táim pollta agat: mo chuid airgid díscighthe agat.

polltach: *a.* géar, tolltach. Carraig pholltach í sin, fan amach uaithi, tá sí chómh géar lé snáthaid. Arm polltach cloidheamh: a gheóbhadh tríot.

polltar: *f.1.* cearrbhach go mbíonn rath cártaidhe air. Níl aon chúig ná go bhfaigheann sé, gaibheann cártaidhe an phaca chuige, is é polltar chúcha é. Fág fé pholltar iad (cártaidhe): is chuige thagaid go léir.

póna: *f.4.* gabhann fálta, go gceann nó gan, fé riar ughdarás ceanntair, ina gcuirtear ainmhidhthe fáin nó foghla ann go n-íoctar scoth (más foghail) fiacha asta chun a bhfuascalta; aon tsaghas cróidh coimeádta fén spéir. Tomás an phóna: a bhíodh ina bhun. Níor chuir sé ainmhidhe a chómharsan riamh i bpóna .i. moladh air, óir gnáth rud do b'eadh é sa tsean-shaoghal ar fhoghail. Cad é an deabhadh ná dochma atá ort, ní i bpóna ataoi: in áit ná fuil cead fágtha agat. B'fhearr liom, ar an am gcéadna, bheith i bpóna ná sa tigh, bhí an oiread san achrainn ann: in áit go mbeadh coimeád orm: in aon áit ach ann.

ponáil: *b.3.* fuil shrón. Tá ponáil leat, cad chuir ort í?: séideadh fola tríd an gcoininn. Cuirfidh an obair seo ponáil lé duine éigin mara stadtar di: fuil shrón: is tinn do dhuine éigin í.

ponnc: *f.1.* poinnte in argóint, áiteamh i ndlighe, i ngramadach etc., mion-rud, adhbhar aighnis, uain, pioc, dada, fadhb, draip, uain ag drísle. Ponnc é sin nách féidir liom do réidhteach, an bád do chur ar crannaibh no airgead do dhéanamh di agus an méid is fiú a chuid di do thabhairt do, mar ná fuil eolas na dlighe agam: cúig gur féidir áiteamh do dhéanamh ina choinnibh agus léi. Ar gach ponnc go maidean tá mo shárughadh aige, is cuma cad d'áiteóchainn air: gach poinnte: cúig. Cuireadh i bponnc me nuair tháinig na báillidhe chun mo choda thógaint lé fiachaibh is gan faic agam a fhuasclóchadh iad: i ndraip. Thiocfadh san as aon achrann mar is iomdha ponnc gliocais istigh ina cheann: cleas: cor inntleamhail. Caithfeam a admháilt go rabhamair i bponnc báis d'iarraidh sinn féin do thabhairt saor tríd an ndrochfharraige sin: i mbaoghal an anama do chailleamhaint. Ar phonnc an drísle. I bponncaibh léighinn, fairír! táim dall, mar ná fuaireas riamh aon scolaidheacht: cúrsaidhe a bhaineas leis. Aon phonnc amháin, féach, níor chuir sé ina luighe orm: an chuid budh lugha dá raibh ar shiubhal aige. Leagas lé buile 'e dhorn é, díreach ar an bponnc san do buaileadh me féin ar phoinnte na srón agus síneadh: ar an uain sin. Éistidh leis an bponnc tábhachtach so anois go mb'fhéidir go mbeadh orainn dul ar an mír-riar i dtaobh an bhídh: an nidh riachtanach so. Cuir ponnc i ndiaidh an ráidhte sin: lán-stad. Cuir ponnc ar an leitir "b": poinnte uirthi (ḃ). Tá sé ar phonnc an drísle ag Mearaice teacht isteach 'on cogadh: ar tí: ní fios cathain. Ar phonncaibh áirighthe tá sé go h-an-olc, cé ar a thoilleadh go bhfuil sé go hiongtach. Na puinnc go léir réidhtighthe agam anois, níl ann anois ach "buailim siar": gach fadhb as an slighe is bealach réidh, sleamhain rómham amach.

ponncamhail: *a.* beacht, tráthamhail, soiléir. Bíonn sé ponncamhail gach tráth, riamh ní raibh sé nóimint déidheannach. Níor mhór duit bheith an-aireach ag obair do, tá sé árd-phonncamhail: beacht: cruinn: dian ar chríochnamhlacht. Labhrann sí go ponncamhail, is furaiste í do thuigsint: soiléir i nguth agus i mbriathar.

ponncamhlacht: *b.3.* beachtacht, tráthamhalcht, soiléireacht. Ponncamhlacht na gile gréine atá ag baint leis tímcheall a ghnótha, an diabhal féin ní shásóchadh uaireannta é mara mbeadh an rud is bídighe i dtreó cheart: beachtacht: críochnamhlacht: snastacht is crích. Maidir lé ponncamhlacht de, aon chléireach ná bíonn istigh ar an sprioc-am bata is bóthar a dhán: tráthamhlacht. Maidir lé cainnt níl ponncamhlacht ón dtaobh amuigh de: líomhthacht, uchtach is soiléire.

ponncán: *f.1.* Mearaiceánach, duine do saoghaluigheadh i Mearaice de shliocht Éireannach. D'aithneófá ar an srónghail ina chuid cainnte gur ponncán ceart é: gur thall a saoghaluigheadh é.

pop: *intriath.* "Pop pop!" ars an máighistir nuair nár thaithnigh leitir an chigire leis. Bíodh "pop pop" anois aige: foillsigheadh sé a mhíchéadfadh ar an gcuma so.

popa: *f.4.* athair. Ní bhfaghainn ó n-a popa ná ó n-a mama í. "A phopa chúchalainn", ar seisean ag tagairt do le hurraim.

pór: *f.1.* síol, cinidh, sliocht; uachtar curtha ar áit lom. Ní d'aon phór amháin in ao'chor sinn, nó má seadh níor airigheas riamh an gaol ón sean-dream: sliocht d'aon chinidh. Is de phór ghlan na bhfear é: den fhuil cheart mhaith. Do leaghaidh ár bpór-ne go léir tar éis na gorta ghá mbualadh: ár gcinidh. Mara bpóstí ní bheidh puinn d'bhur bpór lé fagháil ar ball: d'bhur sliocht. Tá pór dhá chur ort mar thalamh má cuireadh ar thalamh riamh: leasughadh trom. De phór na fola i gceart é: de shíol cheart fhíor-fholaidheachta. Chuir an leasughadh pór fáis tríd aníos: fás mór, tiugh, trom.

pór-: *i gcfbh.* síol, cinidh, barr. Den bpór-fhuil é nár stríoc riamh do namhaid: an fhuil is fearr is uaithi do shíolbhuigh. Stail pór-ghlan gur bhuaidh a sliocht a lia rás: fuil fhíor-ghlan. De phór-stoc an tarbh so: is féidir a gheinealach do leanamhaint i bhfad Éireann siar. Mara bhfuil pór-leasughadh fachta ag an dtalamh so ní lá fós: leasughadh ar fheabhas. Den bpór-shliocht chéadna Eimit agus é féin: sliocht áitrighthe fola.

póróg: (**púróg**) *b.2.* cloch bheag cruinn, críochán. Caith póróg leis an ainmhidhe sin: cloichín a iompóchaidh i leath-taoibh é nó a luathóchas chun breis siubhail é. Ghearraidh póróga géara an bóthair buinn an ghluaisteáin: clocha beaga reatha. Gan oiread póróige de cheann air, cá mbeadh an mheabhraidheacht ná an inchinn?: oiread mirlín. Ní clocha atá agat ach póróga: a n-amhlachas. Fés na gasaibh, mar ná tháinig an aimsir chun aibidhthe, níl ach póróga: críocháin. Ní póróga a thógann tigh: clocha beaga, miona.

póróigín: *b.4.* cloichín an-bheag. Chaitheas póróigín leis ná goirteóchadh cuil, cad fáth a ghearán? Cuir póróigín fén gcloich: sciolla beag cruinn.

port: *f.1.* tiúin, aer (i gcantain nó i seinnt). Seinn (suas) port dúinn go rinnceam: réim fuaimeann binn a leanas a chéile go ceólmhar. Cuir port ar an bhfonn san: seinn ar do bhéal é: déadán fuinn. Seinn port ar an bhfeadóig dúinn: fonn: aer. Sé an síor-phort go deo agat é – ag lorg 'sag lorg airís: an gnás céadna i gcomhnaidhe. "Ag lorg blúire a

chuirfeadh sé ’on phíp atá sé” – “is é an sean-phort aige é”: ní indiu ná indé ag lorg é. Chaith sé an dá lá so go lag, tréith, is baoghal liom go bhfuil a phort seinnte: deireadh a shaoghail istigh. Ar mh’anam ná bíonn de phort aige (ó mhaidean go hoidhche) ach thu: ag síor-thagairt duit. Níor airigheas riamh a mhalairt de phort aige ach an taos do bheith leis an oighean aige: sé a bhíos ina bhéal is ina bhrághaid do shíor. Cuirfead-sa ag seimint malairt puirt é sin: ní hí an chainnt (maoidheamh etc.) atá anois aige a bheidh im dhiaidh-sa nuair bhead réidh leis. Caithfir do phort d’athrughadh más mian leat claoidheachtaint leis an oifig seo: malairt clóidh oibre dho theacht ort. Níl aon oidhre ar phíobaire an aon phuirt ach thu .i. an rud céadna ar siubhal do shíor agat. Is iomdha port id mhála, a phíopaire: is luaith-inntineach an duine thu. Cas port dúinn: déin déadadh air. Níl rinnce ná port feadghala agam: níl sé i gcois ná i dteangain agam. Chaitheadh sé an lá ag port-fheadghail ar a chuid oibre: ag seimint fonn ar a bhéal trí fheadghail. “Téighir ag port-fheadghail (ina dhiaidh) anois”, deirtear lé duine nuair bhíonn rud imthighthe thar fóir air. “Ag port-fheadghail ist oidhche is ag scéalaidheacht sa ló”, ag frith-sheoladh (ath-mhalartughadh) rud: ist ló b’oireamhnaighe port-fheadghail lé háthas chun oibre agus ist oidhche an tseanchaidheacht. Níl rud is seirbhe ’ná an síor-phort: síor-thagairt don rud a ghoineas nó a ghoirtigheas. Leig dom-sa tamall, budh chóir go dtairngeófá port éigin eile chughat: adhbhar cainnte. Tá sé lé póit airís agus is minic sin mar phort aige: is rí-mhinic amhlaidh é. Ní bhfaghainn lé port ná lé glaodh é: ní thiocfadh im ghoire: ní thabharfadh aon tor orm. Ó labhrais cheana tá casadh curtha id phort agat: athrughadh déanta ar do chuid cainnte (fínéacht etc.).

port: *f.1.* cnocán nó clais cré os chionn talmhan; an talamh fean chiumhais abhann, canáile, bóthair iarainn etc.; caladh, cuan; ceap (móna); bolg, iogán, (saoirseacht); borradh. Ní fada ón abhainn seasamh ar a port: ní mór ná gurb ionann ceann. Tar éis lae agus lán-bhliadhna ar muir do ghaibh sí cuan agus caladh-phort in Éirinn: áit shábhálta. Is beag port sa domhan ná gur bhuail an long san air: baile cuain ná gur thug turus air. B’aindeis an t-iomramh agam é, breóidhte ó phort go port: ó bhaile fágtha go triall. Luigh isteach fén bport ón gcioth: bannc cré a dhéanfadh dídean. Ní breac é go mbíonn sé ar an bport: ar an dtalamh tirim as an abhainn nó as an bhfarraige. Bhuail an long ar phort gainimhe is cheangail ann: oitir: bannc. Suidh ar phort an bhóthair: taobh. Port mór móna bainte againn: bannc, ceap. Buail do dhrom le port: taca mar chlaidhe, ardán cré, gainimhe etc. Is ar t’fhalla ná fuil an tsaoirseacht, tá sé lán de phortaibh: pluic, iogáin: éirighthe amach annso ’sannsúd air. Cnoc deacair lé siubhal é, tá sé lán de phortaibh: túrtóga móra. Ní shnámhfaidh an nadhbhóg san i gceart, tá port ar thaobh di: an tsaoirseacht adhmaid éirighthe amach: bolg. Cad a chuir an port ar do phluc? tinneas fiacaile?: at: borradh. Thuit port cré air is múchadh fé é: bannc: cnapán mór mar bheadh ar faobhar faille.

port-: *i gcfbh.* Shín an traen suas leis an bport-fhalla: árdán. Sid iad na fallaidhe a tógadh go daingean féach na port-fhallaidhe atá tógtha annso ’sannsúd: fallaidhe teannta: smut d’fhalla ón dtaobh istigh leis cois adharta. Abha port-mhín: go mbíonn talamh réidh ar gach taobh di. Duine coimhtheach, daibhceach, port-shúileach: fabhraidhe árda os chionn súl aige.

portach: *a.* lán de phortaibh nó d'iomairdhibh. Sliabh portach conntabharthach d'ainmhidhthibh: turtóga móra árda ann. Magh réidh neamh-phortach seadh Currach Chill Dara: gan cnapáin.

portach: *f.4.* talamh bog, íseal, fliuch mar a bhfaightear móin chun teineadh; ceap móna. Ní fada is saoghal do, tá dath an phortaigh air: dath dubh. D'iompuigh dath an phortaigh air nuair labhradh an focal gránda leis: tháinig líth dubh air. Ar an salachar atá ort budh dhóigh lé duine gur sáidhte i bportach a bhís ó mhaidean: salach, baireach. Obair chruaidh oibriughadh i dtóin portaigh: thíos ar fad ann. Ceap maith portaigh: geannc go mbeadh mórán móna ann. I ngabhal an phortaigh ní thriomuigheann an mhóin chómh maith lé drom an phortaigh: an t-úrlár a fhanas tar éis bainte. Ag píceáil móna ar fhiacail an phortaigh: ar an gciumhais amuigh. Blas an uisce phortaigh do gheibhim ar an leann dubh so: bog, leamh. Bun portaigh gan baint fós: smut nó an tón thíos. Chuaidh an bhó ar lár i bpoll portaigh: poll uisce mar a raibh an mhóin bainte as. Dheineadar portach dá cheann ó bheith ag gabháil air: bhrughadar is ghoirtigheadar é go raibh sé bog. Tabharfad lá portaigh duit is fáilte: lá ag obair ann. Ní fear portaigh ná páirce é .i. níl sé go maith i ngort ná ar chnoc (nó sliabh móna). Síghle na bportaidhthe: an corr-iasc. Tá an áit ina phortach ó bheith ag siubhal air: ina bhogach: talamh bog go raighfí ar lár ann.

portaire: *f.4.* duine a chuireas fead ar fhonn nó aer, an bruachán ag baint mhóna. Portaire éachtach a thug an oidhche ag seimint ar a bhéal ó ná raibh aon ghléas ceóil láithreach: déadánaidhe fuinn. Is fearrde meitheal go mbíonn portaire maith uirthi: píceálaidhe maith chun móna do shíneadh tharais.

portaireacht: *b.3.* obair phortaire; ag déanamh fonn. An lá ag portaireacht is ní rabhas díomhaoin. Connus sheasuigheann sé ag portaireacht gan ciach do theacht air?: ag seimint ar a bhéal: ag déadán. Cuir uaim do chuid portaireachta, agus labhair mar dhéanfadh éinne gurbh éinne é: cainnt neamh-oireamhnach.

portán: (**partán**) *f.1.* iasc sliogánach go ndá chrúib ládair-ladhrach agus "méireannta" go siubhlann ortha; duine neamh-aicillidhe, crapuighthe. Craig phortáin: an sliogán cruaidh. A shlighe féin ag an ndonán is a shlighe féin ag an bportán, taidhbhsigheann ag gluaiseacht do gur i leith a chliatháin a théigheann: ní lia duine ná nós. Portán glas ní thabharfainn air: ceann beag suarach ná hithtear. Órdóga portáin: an dá chrúib mhóra. An collach portáin: an ceann fireann; an múisceán an ceann baineann. Tá greim an phortáin aige ar an bpinginn: ní scarfadh lé n-a chuid airgid ar aon rud: greim daingean, docht. Do dhein portán seanduine dhe roim n-a aois: trom, aindeis, neamh-phraitineamhail. Tá sé ina phortán ge dathachaibh: crannda, casta ar a chéile. Portán capaill: capall neamh-éascaidh, gan líomhthacht. Cathain bheadh fiche míle siubhalta ag an bportán san: duine a ghluaiseas go crapaithe, cumhang.

portús: *f.1.* leabhar úrnaighthe póca; leabhar a bhíos ag an gcléir go mbíonn na tráthanna diadha ann. Dar an bportús má gheibhim chun mo lámh é ní bheidh aon fhuacht ar a chluasaibh: dearbhuighim é. Thabharfadh sé an portús go bhfeacaidh sé thu: dhearbhóchadh sé ar an mbíobla: bhraith sé lán-dheimhnightheach de go bhfeacaidh thu.

pósadh: *f.* (*-sta*) gnás trí n-a ndéintear cóimhchéilidhe d'fhear agus do mhnaoi i rith a mbeatha; i dtíorthaibh críostaidhe cor no connradh dleaghthach, tigheasacht idir fhear is mhnaoi a chóimhcheanglas iad go cómhnaidhtheach; an cómhgas a bhíos idir lánamhain phósta; an aiste phósta; bainis an phósta. D'imthigh sé go bhfaigheadh sé billeog an phósta ón sagart: cead scríobhtha. Is é socrughadh pósta a deineadh dá bhfaigheadh an cailín bás roim chlainn do bheith aice is go bpósadh an fear airís, go n-iompóchadh an spré ar a muinntir-se: cóiriughadh i dtaobh gustail etc. "Ní pósadh go sop" .i. ní bhíonn críochnuighthe ina cheart go luighidh an lánamha lé chéile. Pósadh an fhóghmhair scaoileadh an earraigh: má bhíonn toradh arbhair agat ambliadhna beidh sé san aithbhliadhain agat le tabhairt don eallach. "Is fearr scaoileadh maith ná droch-phósadh": dá mbudh rud é go mbeadh aon chlódh ar lánamhain achrannaigh tar éis scaramhna dhóibh b'é do b'fhearr dóibh. Beidh pósadh maith ortha san, táid go maith as: beidh bainis mhaith in onóir na hócáide. Pósadh dúbalta dob eadh againn é – mise is mo dhribhshiúr leis-sean is lé n-a dhribhshír. "Poll dóighte cómhartha pósta": géilleadh ag lucht piseóg gur tuar cóimhcheangail is cráidh é. Deirtear nách féasta go róstadh is nách céasadh go pósadh: gur annsan do thosnuigheann duabhais an tsaoghail i ndáiríribh ar dhuine. Nuair dhéineann daoine muinntearthas tar éis a bheith in earrad lé chéile deirtear, "tá an pósadh déanta aca". Pósadh an domhnaigh bíonn sé brónach: ná fuil sé éirightheach. "Lá brónach dhá phósadh is lá deórach dhá chur" níor bh'fhearr dho dhuine rud d'imtheóchadh air lá a phósta 'ná a bhás. Óinseach bean gan pósadh: is gnáthach a leithéid d'imtheacht gan puinn críche. Is é do mhac do mhac go bpósaidh, is í t'inghean t'inghean go deó .i. is dlúithe a chlaoidheann an inghean lé duine. An té go mbíonn rud éigin ag brath air lé déanamh i gcómhnaidhe, deirtear "ag obair go deó is gan pósadh choidhche": gan aon tsubháilceas ná crích choidhche. Táid pósta ach ní pósadh cille é .i. dréir dlighe na talmhan. Tá sé déidheannach anois bheith ag tabhairt cómhairle dho tar éis pósta, is mar a chéile nó aithrighe tar éis bháis .i. ró-dhéidheannach, tá an cnaipe caithte. Ní hi gcómhnaidhe do bhíonn Domhnall Buidhe dhá phósadh ná cóir aige chuige: glac cao ithte is ólta nuair gheóbhair í. Pósadh an liobair leis an leidhb: fear neamh-chríochnamhail is bean go mbíonn a gnóth ar sileadh léi: beirt gan aon deallramh ag cur chun gnótha. "Pósadh leaghadh Dia is lom-amhgair" .i. na beirte go mbíonn cuid dhuine caithte is gan ach an suarachas tearc ag an nduine eile. "Dá mbeadh ba ag an gcat ní fada go bpósfí é, is an cat gan ba is fada do seólfí é": is cuma cad é clódh dhuine ach an gustal do bheith aige gheóbhadh céile. Trí nidhthe neamh-rathamhla – ús thar ceart, airgead tighe óil agus pósadh lucht gaoil. Trí nidhthe ná réidhtigheann le chéile beirt bhan pósta in aon tigh, dhá chat os cionn aon luiche, beirt fhear i ndiaidh aon óg-mhná. Fáinne an phósta. Cuireadh gach aon rud i gcoingheallaibh an phósta a chosnóchadh an bhean, lé gliocas a hathar: sa chor. Beidh árd-phósadh ortha, tá cuireadh fachta agam air: bainis mhaith. Fuair sí scéala pósta uaidh: tairsgint. Pósadh obann aithmhéala mall .i. an té ná féachann roimis féin ag toghadh páirtidhe beatha dho ní chuirfidh a aithreachas de an dá lá dhéag is mhairfidh sé. "Is cosamhail an flaitheas neamhdha lé rí áirighte do rinne bainis phósta dá mhac féin" (Matha XXII. 2): cóimhcheangal Dé lé n-a dhaoinibh ar an dtalamh. "Bíodh gáirdeachas agus lúthgháir agus tugam glóir do-san óir tháinig pósadh an uain, agus d'ullamhuigh a bhean í féin" (Tais. XIX. 7): cleamhnas Chríost lé n-a eaglais. An té go mbíonn cuing an phósta air bíonn muirearaighe air: geallamhaint greamuighthe an phósta bíonn air bheith freagrach ina leanas é. Chuir sí an dlighe air toisc gur bhris sé a gheallamhaint phósta: a fhocal dearbh. Éad cocáil gan pósadh atá air:

éad ar fhear mar gheall ar fhear eile go mbeadh éileamh aige ar an mnaoi budh thnúth leis féin.

pósaim: *b.a. 7 n-a.* cóimcheanglaim lé chéile fir nó mná dréir dlighe na heaglaise nó na talmhan; tugaim (inghean nó mac etc.) i gcuing phósta; dlúthuighim i gcuing phósta. Cad fáth go bpósfainn ach an bhean is áil liom féin: go gceanglóchainn léi fé chuing an chuir dréir dlighe eaglaise nó na talmhan. Cé hé an sagart a phós iad: a rinne an chuing do chur ortha. Má phósann tú in ao'chor pós anuiridh: gan ró-mhoill. "Agus adubhairt Iúdah le Hónan, bí ag mnaoi do dhreathár agus pós í agus déin sliocht dod dhreathair" (Gen. XXXVIII. 8): bíodh sí mar chéile leapan agat dréir dlighe Dé. "Má chómhnuighid dreatháracha i bhfochair a chéile agus go n-eagaidh aon díobh agus gan clann aige, ní phósfaidh bean an té a éag lasmuigh lé coimhtheach, beidh dreatháir a fir aice agus béarfaidh chuige ina mhnaoi í, agus cóimhlíonfaidh cúram a dhreathár di" (Deut. XXV. 5): glacfaidh chuige í is claoidhfidh léi. "A bhuachaill, beir buartha go bpósair, is annsan ní bheidh suaimhneas go deó agat": ní bheidh aigne suaimhneasach agat go dtí san, agus as san amach lá sásaimh ní bheidh agat. "Is dhá mhó a phósann 'ná chothuigheann tighthe fóghanta": bíonn a lia lánamha ná bíonn an saoghal ar a dtoil aca: is iomdha lánamha ná bíonn an saoghal ar a dtoil aca. Pós bean ón ngleann (ón oileán, iarthar etc.) is pósfair an gleann ar fad .i. daoine leanamhnacha iad is beid do shíor ag siubhal ar do thigh. Maith ná tairbhe ní headh do bheith leis, is fadó do phós sé leis an ól: do luigh leis go dlúth. Bí sásta liom is pós me: dein grod é, ná bíodh siar ná aniar agat leis. Mara mbeadh fear eile in Éirinn ach é ní phósfadh sí é: ní taithneamh léi é.

posóid: *b.2.* deoch de bhainne the reamharuighthe lé fíon nó leann, cogas leighis. Ar na creatha fuachta atá uirthe do raghadh posóid go maith dhi: deoch the ullmhuighthe. Posóididhe an domhain eile d'ullmhuigh na mná dhóibh féin nuair fuaireadar na fir amuigh: sóghaltaisidhe. Ní fheadar, deirtear go bhfuil leigheas aice, ach bíonn posóididhe, cuid mhaith, dhá dhéanamh aice as luibheannaibh: cogasaidhe leighis. Ní fuláir is posóid mheallta éigin a thug sí (an rud mí-lítheach, mí-chlóidh) don bhfear chaithiseach is a rádh gur phós sé í: deoch easarlaidheachta! Marbhóchaidh a bhfuil de phosóididhibh dochtúra dhá chaitheamh agat tu: a lia measachán gan deallramh.

post: *f.1.* iomchar oifigeamhail, triall is seachadadh leitreach, beartán, etc., ó bhall go ball; oifig nó bosca (leitreach) mar a bhfágtar leitreacha, etc., le triall is seachadadh; leitreacha, páipéir, etc., a thagas tríd an bpost; ionad adhmannais; ionad ina mbíonn ar shaighdiúir fanamhaint ar a dhualgas go bhfuascaltar é; an talamh fé béith saighdiúra ar dhualgas gárda; staic thaithigeach nó cuaille teann cruinn nó ceárnach d'adhmad nó de mhiotal sáidhte i dtalamh mar thaca. Cláruigh an leitir sin in oifig an phuist: an áit ina néathar an gnóth oifigeamhail. D'éirigh mí-sheól don dtraen, beidh an post déidheannach indiu: na leitreacha. Sid é chughainn an post, téighir fé n-a dhéin d'fhéachaint an bhfuil faic chughainn: fear iomchair na leitreach, etc. Scaoil do leitir leis an bpost: cuir. Mo shean-phíp i bpost a bheith folamh, cogadh diabhail ann, tobac tearc!: i ngiorracht do. Táir déidheannach tá an post gluaiste: deireadh na leitreach, etc. bailighthe. Post ar bith indiu, lá saoire é: leitreacha ná eile ní thiocfaidh. Cad é an post atá fén riaghaltas aige?: cad é a ionad adhmannais? Seasaimh do phost annsan is ná fág é ar do mharthain: an t-ionad atá curtha ar do chúram. Tá sé in aghaidh na riaghalach do shaighdiúir a phost

fartha d'fhágaint faid is bhíonn ar a dhualgas: an ball do cuirtear fé n-a threis. Bítear ghá ruagadh ó phost go piléar: bítear ar a thóir gan suaimhneas do thabhairt do. Sé an deighilt atá treasna na duibhche idir dhá fheirm, postaidhe láidre adhmaid agus cheithre sraitheanna roinn (cairche): staiceacha móra, láidre sáidhte 'on talamh. Sin é an tigh go bhfuil an riar air – gach caonaidhe ann ar a phost féin ar áth-mhaidean. Dá chonntabhartaighe é is dá dheacra níor thréig sé a phost riamh: an áit nó an t-ionad do cuirfí ina chúram air do sheasóchadh go bás é. Ós fút féin atá, beag baoghal ná go dtógfair an post réidh i gcómhnaidhe: an t-ionad, an bheart is lugha duaidh is cúraim. Fairír, an chuid againn ná fuil aosta éiglidhe táid ró-óg chun aonnidh a dhéanamh, is é Séamas ár bpost martha: ár dtaca chun sinn do chothughadh. Buail do dhrom le post anois, tá gach aon chao imthighthe uait: níl faic lé déanamh agat.

pósta: *a.r.* cóimhcheangailte i gcleamhnas. Lánamha pósta: fear céile agus bainchéile. Lánamha nuadh-phósta: ná beifí ach díreach tar éis a snaidhmthe. Sean-striapach fir gur cuma leis aonta nó pósta iad: céile do bheith ag mnáibh nó gan bheith. Ná tuigtear duit gur féidir leat do chuid féin ar fad do dhéanamh díom, cuimhnigh ná fuilim pósta leat: nách me do chéile. Chómh dlúth lé beirt a bheadh pósta. "Seo mo lámh duit ná fuilim pósta, is gur buachaill óg me a thug gean do mhnaoi": go bhfuil aonta. Táid i ndomhnach, is fada atáid pósta prásálta: ceangailte go dlúth. Nuair chidhtear beirt i bhfochair a chéile is a chuma ortha go bhfuilid árd-mhuinnteartha, deirtear, "ó, a Mhuire! nách iad atá go pósta lé chéile". Pósta sean-phósta, ath-phósta: pósta go maith.

postaire: *f.4.* teachtaire, giosaidhe, gadhsádaidhe, fear puist. Postaire thar barr é, níl aon rud do chuirfeá ina chúram air ná go gcuirfeadh i gcrích. Dhéanfadh aon phostaire in ao'chor an leitir do caitheamh 'on phost duit: giosaidhe.

postaireacht: *b.3.* do dhéanamh teachtaireachtaidhe. Níl puinn maitheasa ann anois ag an aos, ach go ndéanfadh sé postaireacht bheag thall 'sabhfus: teachtaireacht. Bíonn sé ag postaireacht don dtigh sin ar fuaid an bhaile mhóir lé rothar: ag triall lé mion-earraidhibh.

postae: *f.4.* taos plúir, ime, etc., fillte, bácálta; screamh pighe. "An pighe nó postae do dhéanfair de?" deirtear lé duine a bhíos i gcás cómhairle cad is fearra dho nó is ceart do dhéanamh lé haon rud. Bíonn triall mórán daoine ar an áit sin aimsir lóin, tá postaethe breághtha lé fagháil ann.

postamhail: *a.* mór-chúiseach; go n-ionad maith. Ó tá ag éirighe leis sa tsaoghal, tá sé chómh postamhail sin gur ar éigean do labharfadh sé leat, maig ann, is meas fé: mór-chúiseach. An milleán air aire mhaith do thabhairt do féin, fear postamhail mar é go bhfuil muirearaighe mhór air: atá in ionad tábhachtach, duabhaise.

postamhlacht: *b.3.* mór-chúis; muirearaighe. Dhéanfadh sé a chúram maith go leór gan leath na postamhlachta ghá chur féin in iúil gach aon nóimint, "táim annso", "táim ag faire": mór-chúis. Caithfidh sé a shúile do choimeád ar bior feasta, ó fuair sé an bheart so tá breis postamhlachta air: muirearaighe, freagarthacht.

pota: *f.4.* árus cruinn d'aon adhbhar go mbaintear mórán áis as, a foillsightear go minic lé focal mínighthe – cárt do chur i bpota pínt! iarracht do thabhairt ar an nidh a bhíos do-dhéanta; árus miotail, cré, stáin, etc., chun beirbhthe ann; corcán; aon tsaghas áruis cruinn; gaiste fighte de thuigidhibh; luchtlach pota; cláracha ar thaobhaibh trucallach chun breis ualaigh d'iomchar innte. Sean-phota báid seadh í, ní rámhfadh an saoghal í, bíonn sí ag tóch roimpe .i. chómh neamh-éascaidh is dá mb'é déanamh an phota do bheadh uirthi, gan tosach ná deireadh. An é sin an Cinnéideach go dtugar "An Pota" air?: fear cruinn, íseal. Potaidhe is potaidhe éisc ar an mbóthar 'on Daingean ar áth-mhaidean: trucaillidhe go mbíonn garda leó. Potaidhe gleamach: gléiseanna déanta de thuigidhibh i bhfeirm corcáin nó pota ach a dtón a bheith leathan, slinn is a mbéal cumhang cruinn mar bhíonn ag corcán: an-chosamhail as a mbéal lé corcán go mbeadh a thón anáirde. Bíonn tímcheall cheithre hórdla idir gach aon dá thuige – taidhbhsidhe a tugtar ar na spásanna (fuinneóga). Dimthigh sé "chun an phota" ar fad sa deireadh lé ragairne is ólachán: chun oilcis: chun an donais. Is cuma connus luighfidh an cogadh orainn má bhíonn aon rud le cur 'on phota againn: le n-ithe. Sé mar tá againn gach aon rud 'on phota .i. gan coigilt ar aon rud. Teastuigheann uait-se é bheith agat ina phota is ina mhála: rud lé cur i ngach saghas áruis: breis is ná fuilir i dteideal. Pota dighe, té etc. Bíodh an pota ar fad agat: luchtlach an phota. An pota do chur aníos ar chuma éigin: ag déanamh aon tsaghas oibre chun maireachtana. Ní thabharfainn pota gan tón air: ní fiú faic é. "Agus adubhart Maoise lé hÁoran, glac pota agus cuir lán ómais de mhanna ann, agus cuir i bhfiadhnaise an Tighearna é, dá choimeád d'bhur sleachtaibh" (Ecs. XVI. 33). "Pota an athghlanta chun an airgid, agus an coire chun an óir, acht is é an Tighearna a spíonas na croidhthe" (Seanráidhte XVII. 3). Pota an fhuail: an poitín.

potadóir: *f.3.* fear a dheineas áruistidhe cré. "Agus adéarfaidh tu leó, is mar seo adeir Tighearna na slógh; eadhon is mar seo bhrisfidh me an pobal so agus an chathair seo mar bhriseann duine soitheach an photadóra nách féidir do dhéanamh slán airís; agus adhlacfaid i dTófait iad nó go raibh gan áit adhlactha ann" (Ier. XIX. 11): árus cré .i. soi-bhriste. "Agus thugadar iad [buinn airgid Iúdais] ar mhágh an photadóra mar d'órduigh an Tighearna dómh-sa" (Matha XXVII. 10).

potán: *f.1.* pota beag. Bíodh potán nó dhó dighe againn. Potán dighe.

potanáil: *b.3.* "dochtúireacht", útamáil, gíotáil. In ionad glaodhach ar dhochtúireacht na gcapall chun an ainmhidhe is amhlaidh chromadar féin ar photanáil leighis do dhéanamh air, gur mharbhuigheadar é lé cogasaíbh nár oir do: ag útamáil go neamh-eólgaiseach lé cogasaibh neambrighe. Ná bíodh aon photanáil agaibh leis an nduine breóidhte ach fios do chur ar dhochtúir ceart: tástáil so súd. Beag an chrích atá air chun oibre ach go ndéanfadh sé potanáil éadtrom: gíotáil bheag ná leanfadh duadh í. Ní potanáil oibre atá uaim ar an ndoras so ach gnóth slachtmhar do dhéanamh: útamáil, paisteáil. Tútach, fliuch, mío-shlachtmhar an ghréasaidheacht í sin ar an mbróig, potanáil cheart: gréasaidheacht gan chéird gan ghastacht.

potanálaidhe: *f.4.* gíotálaidhe, útamálaidhe, "dochtúir piast". Éinne riamh a chuaidh fé n-a láimh b'fhearrde é, níorbh aon photanálaidhe dochtúra ach togha: dochtúir ná féadfadh ceasnaidhe d'aithneamhaint ná oideas ceart do tharrac. Bíonn sé ina photanálaidhe

tímcheall ainmhidhthe breóidhte. Budh mhór an truagh gan an dlighe do chur air: "dochtúir piast": ag ullmhughadh posáididhe leighis is cogaisidhe luibheann dóibh. Fear tapaidh praitineamhail nár mhór i mbád lá garbh is ní potanálaidhe ná beadh ábalta ar í ionnramháil: bádóir neamh-ghastach, dearmhadach. Is iongtach potanálaidhe tímcheall tighe d'fhear go bhfuil an oiread san dá shaoghal caithte, bíonn sé ar siubhal do shíor lé rud éigin: gíotálaidhe a bhíos ar a dhícheall. Choidhche ní dhéanfaidh sé ach potanálaidhe, saoirseacht ní fhoghlumóchadh sé go deó na ndeór: saor gan eólas ar an gcéird nó a bheadh an-dhearmhadach tímcheall an méid eolais a bheadh aige. Potanálaidhe capaill: mall, mío-thapaidh, tuathalach as a ghéagaibh.

potanálaim: *b.a. 7 n-a.* gíotálaim, útamálaim, deinim "dochtúireacht" ar. Potanáil leat tímcheall na háite, ná leig ort ná go bhfuilir ar dubh-obair, tá an saoiste ag faire: ag dúmas oibre: cur chun ruda go neamh-dhúthrachtach, neamh-phraitineamhail. I lár fear an domhain uile ní bheadh súil agam go bpotanálfadh seisean, eolgach mar é, rud, ná go ndéanfadh go maith é: go ndéanfadh sé abláil air. Ní marbhadh glan a néann san ar ainmhidhthibh, is amhlaidh do photanálann sé iad: tugann sé íde ghránda mhío-shlachtmhar mharbhtha ortha. Photanáil sé mo bhróga i slighe ná leigfeadh náire dhom iad do chaitheamh lé n-a dtútaighe: dhein abláil ortha.

potanálta: *a.r.* giotálta, útamálta, ablálta. An bád potanálta san ní leigfeadh eagla dom cos do chur innte, tá sí ag tarrac uisce i bhfiche áit: páisteálta: socruighthe go haindeis. Éirighim as anois mar dhoras, tá sé chómh potanálta agat is nách féidir a lochta do leigheas anois: laitighthe trí abláil.

potánta: *a. n-dh.* righin, gleóthánach. Nuair cuireadh rís is rudaidhe tríd an anbhruithe sicín bhí sé ró-photánta dhom le slogadh: righin, brachanta, leanamhnach.

potar: *f.1.* árus mór aindeis, pota mór, coire. Feasta ní feicfear potar an té i gcúinne na teineadh ag an lán tighe úd mar bhíodh, tá an ghainne tugtha: pota áidhbhéil lé méid. Na potair thoirteamhla péatair leanna duibhe d'óladh sé, bhíodh dhá chluais ortha: ciotaidhe móra mío-chumtha. Líontar potair chughainn: áruistidhe go raghaidh luchtlach maith ionta.

pot-bhiadhadh: *f.* (*-dhta*) do bhiathadh nó do chothughadh le holl-mhaithistidhibh; "bramach méise" do dhéanamh de dhuine. Díomhaoin, leisceamhail, droch-mhaitheach atá a shaoghal caithte aige, duine nár baineadh as é i dtúis a shaoghail, ach é do phot-bhiadhadh, gach aon rud a iarrfadh sé nó theastóchadh uaidh é ghá fhagháil ar a thoil: togha is rogha gach bídh is ganna aige, air, freastal is imshníomh ina thímcheall. Tar éis an phot-bhiadhta sin é do chroidhe is t'fhéitheanna ag rith ar a chéile: togha is rogha rudaidhe lé n-itheadh, sóghaltaisidhe is seascaireacht, táir gan aon anál. In ionad é do phot-bhiadhadh mar deineadh raghadh slat go minic go maith dho: peataireacht do thabhairt dho.

pot-bhiadhaim: *b.a.* teannaim togha is rogha rud inithte, ionólta lé; bím lán-chúramach, lán-imshníomhach i dtaobh etc. As t'óige is tusa an doi-thigheasach a pot-bhiadhadh, is tú gur deineadh an pór-leasughadh ort: a fuair le cur id bholg, ar do chorp, is le haoibhnas

do bhaint as an uile nidh ar do thoil. An locht atá ar an mnaoi sin lé n-a clainn go bpot-bhiadhann sí iad: go bhfuil sí ró-chlaon lé gach rud a theastuigheann uatha do thabhairt dóibh go mbíonn sí "leathta anuas ortha": an chuid is fearr des go haonnidh uaithi i dteannta ceannsachta bunóice do thabhairt dóibh. An dá lá dhéag is mhairfir beidh aithreachas ort gur phósais é mar is é ná pot-bhiadhfaidh thu: ná tabharfaidh gach aonnidh dhuit mar iarrfair is oirfidh duit, ná a bheidh ina chodaibh beaga tímcheall ort.

pot-bhiadhta: *a.r.* teannuighthe lé sóghalaistidhibh; bláthnuighthe. An iongadh dho ceól is fuinneamh do bheith ann, buachaill pot-bhiadhta mar é gan easbaidh ar a dhrom ná ar a bholg riamh: go raibh an uile rud riachtanach chun a mhaitheasa is a aoibhneasa ar a thoil aige. Tá sé chómh pot-bhiadhta san áit sin nách mór go bhfuil ann a chos do chur thar an gcois eile lé beathuightheacht: fóirlíonta lé gach aonnidh dá fheabhas. Peata leinbh pot-bhiadhta go bhfuil a cheann 'sa chosa scaoilte leis: go haonnidh dá fheabhas fachta aige, tláithíneacht, aire, is mór-is-fiú déanta dhe. Nách é an leainbhín agam é chun bheith ag tafant bhídh air, b'fhearr dhuit é phot-bhiadhta ar fad!: an biadh do choimeád leis.

pot-fholach: *f.1.* clúdach do phota nó corcán. Pot-fholach gan mhaith tá an feireadh briste air.

prabhait: *b.2.* rud ar aiste briste, brúighte. Fágadh na prátaidhe ró-fhada ar an dteine, leigheadar, táid ina bprabhair: meilte ina bpraisigh. In ionad na huibhe d'ullamhughadh i gceart dheinis prabhait díobh: trufais leachta.

prab-shúil: *b.2.* súil ná beadh solasmhar, marbh, go mbeadh brach léi. Budh dhóigh leat go mbeadh an radharc lag aige, ach níl; prab-shúile atá aige: mall-shoillseach. Aon triomughadh ní dheaghaidh riamh ar a phrab-shúilibh bíd choidhche ag sileadh: brach-shúile.

prab-shúileach: *a.* gliúcach, gleamach, sreamach. Toisc é bheith prab-shúileach taidhbhsigheann gach aon rud neamh-shoiléir, neamh-shocair do: scáth-radharcach: uisce nó brach do bheith ag gluaiseacht leó.

prabhtais: *b.2.* glaodhan, othar, brachadh. Ghaibh roth na trucallach treasna ar dhrom mo choise is deineadh prabhtais di, tá sí thar fóir: briseadh í mar bhrúghfá cos crann ghabáiste. Ó Dia linn! nách gránda an neascóid atá air, an phrabhtais ar fad atá ag teacht aiste, buidhe, righin is boladh: othar.

prachaille: *f.4.* réim, seile lé linn breóidhteachta. Prachaille an domhain dhá chur aníos dá chroidhe aige i rith na hoidhche: réim: srumaidhe galair. An phrachaille righin, leanamhnach a bhíonn leis chuirfeadh eagla ort dul in aon ghiorracht do: srumaidhe móra, fada, troma.

prácas: *f.1.* meastachán mine coirce, bláthaighe, etc., muicfheóil, prátaidhe agus uineóin bruithte trí chéile; bailiúchán éagsamhail. A Mhuire, cé chóirigh an prácas so lé n-itheadh dhom? nó cad tá ann in ao'chor?: tiomarga go mbíonn mórchuid de rudaidhibh éagsamhla ann. Sin sean-bhean go bhfuil prácas sean-úrnaighthe aice: bailiúchán.

praghas: *f.1.* an tsuim airgid a hiarrtar ar nó a díoltar as aon rud; costas seachas luach airgid; luach. Ní fiú iad an praghas san: táid ró-dhaor ar a bhfuil de mhaith ionta: an tsuim airgid atá ainmnighthe, tá ró-árd dóibh. Cómh-phraghas duit anois imtheacht nó fanacht annso: an tairbhe chéadna atá ann duit. Cad é an praghas an púnt atá ar mairt-fheóil?: an méid airgid atá dhá éileamh uirthi. Saoghal maith dob eadh é, má bhí praghaiseanna móra féin ar gannaidhibh tighe, bhí praghaiseanna ar sheifteannaibh: luach: fiacha earra, etc.

práib: *b.2.* brac, sileadh righin, buidhe a thagas ó fhaobhar dhuilleóg na súl; salachar mar bheadh othar. Deirtear lé duine ná beadh luath, pras, nó ná tabharfadh rud fé ndeara tapaidh, "dá mbeadh an phráib dhá bhaint ós na súilibh aige": "na súile d'oscailt do". Budh neamh-ghnaoidheamhail leat é tímcheall shúl; práib bhuidhe do shíor fútha: salachar: réim.

práibeach: *a.* brachamhail, otharach, salach, barcach. Léan id shúilibh práibeacha, cad chidhfeá-sa?: réimeach: otharach.

praidhinn: *b.2.* broid, call, cruadhtan; deifir, líonrith, suathadh, creathadh eagal; greitheal. Dá bhfágthá agam ar feadh lae nó dhó eile é bheinn buidheach dhíot, mara bhfuil praidhinn mhór agat leis: broid mhór go dteastóchadh sé uait. Lá gréine fóghmhair lá na práidhne ag an bhfeirmeóir: lá na broide, an ghreithileáin is an fhothraga go mbíonn na barraidhe ag brath air. Caith chugham púnt, tá praidhinn agam leis: tá sé ag teastáil uaim go cruaidh. Is breágh é bheith ag breith cruaidh ar an namhaid ní hoth liom a praidhinn: a cruadhtan. Praidhinn mhór croidhe agus moille mhór lámh: an fonn chun ruda do dhéanamh ag cur duine amudha ar an ngníomh. Cad í an phraidhinn mhór atá ort ná moilleófá agus labhairt leis na daoinibh: deifir, greitheal. Cé chuir fé phraidhinn thu d'iarraidh an dochtúra: fé theann deabhaidh. Níl faic ná déanfainn duit dá mbudh praidhinn é: dá mbudh ghábhadh é. Poll im phóca, d'imthigh an t-aon scilling a bhí agam thríd is me ina praidhinn go mór: ina gábhtar. Fear maith, féicheamhanta ar gach slighe seadh é ach gan aon phraidhinn do chur air, gan é do luathughadh ná mar sin: leigeant do ar a bhuille. Lé praidhinn is deabhadh chun an tsaoghail do stroill sé: fonn is dúil ró-mhór chun beartha ar shaothar. Uain phráidhne b'eadh í má bhí sí riamh ann, piléir ag feadghail ar gach taobh dínn, ár gcroidhe in ár mbéal againn: imeagla. Lé méid a phráidhne nár chuimhnigh sé ar a chuid airgid do chur chuige (go magamhail): lé barr deithinis chun gluaiste is a raibh de chúraimidhibh eile ghá dhalladh.

práidhneach: *a.* broideamhail, greithealach, mór-ghnóthach; scannruighthe, ar creathadh lé heagla, i gcanntaibh; gábhtarach, amhgarach. Aimsir ró-phráidhneach í seo chun aon chuid di do chaitheamh ar bóiléagar, céad gnóth ag brath ar dhaoinibh: broideamhail. Go n-ithtear thu maran práidhneach ataoi roim ghadhairín sceamhghala: scannruighthe, eaglach. Budh dhóigh leat air ná béarfadh an olann ar an luach aige bhí sé chómh práidhneach san: íogar, piaclach. Má leanann an cogadh so air is go mbeidh earraidhe ag dul i ngainne mar táid beidh daoine go práidhneach: gábhtarach. Tabhair tosach an bhídh don té is práidhnighe leis, is é is córa a fhagháil: tabhair ar dtúis don té is mó atá ina cheal. Ná cuireadh neach ná daon isteach air mar tá sé ró-phráidhneach ag scríobh leitreach: ró-ghabhtha lé n-a chuid cúraim.

práidhneach: *f.1.* duine gnóthach, broideamhail, fotharagach; duine gábhtarach. Práidhneach cruinn chun an tsaoghail ná leigeann puinn den bhféar fás fé n-a chosaibh: duine dian, dícheallach chun dulta ar aghaidh. Ná bac an té a bhíos ina phráidhneach ar fad mar is beag é a shúbháilceas sa tsaoghal: scannruightheóir chun an tsaoghail. Níl aon phráidhneach annso ach thu, níl aon nóimint ná go mbíonn rud éigin ar siubhal agat: duine broideamhail.

praip: *b.2.* tor, stuaic, scoth. Múscladh an sionnach as phraip raithinighe: mar a raibh sé i bhfolach: tor. An phraip ghruaige atá bailighthe ar thosach cinn furmhór na n-ógbhan dréir gnáis na haimsire: scoth: dual mór. Luigh sé isteach fé phraip sceach ón bhfearthainn: tor mór, tiugh. Thug na praipeacha aitinn bladhm uatha nuair cuireadh trí theine iad: tuir. Rug sí ar phraip cinn ar an mnaoi eile agus thug dubh-stathadh dhi: stuaic.

praipe: *b.4.* obainne, luas, éascaidheacht; beódhamhlacht, tapamhlacht. A phraipe agus thóg an barránach a dhorn agus a thairng orm is beag coinne a bhí agam leis: obainne. Déin lé praipe an t-iarann te do bhualadh: luas, tapamhlacht. Lé praipe na hiarrachta a thug sé bhí an earra sciobtha aige den gconntabhairt sara raibh eaga ag éinne corruighe: praitineamhlacht: beódhamhlacht is mire cuirp. Má chonnaicís praipe riamh in éinne ag cur de is ann do bhí sí, d'imthigh sé mar shádhfá na madraidhe leis: mire agus anamamhlacht.

práisc: *b.2.* súgradh, imirt, teasbach, caitheamh aimsire, "uain", aoibhneas; salachar práibeach; aintsrianacht, mío-chuibheas. An phráisc atá ar an bpocán gabhair ag léimrigh is ag caitheamh a thóna ar fuaid an ghuirt: teasbach. Ghá iomlosc féin is ag liúighrigh ameasc na dtonn mbriste lé práisc: teasbach. Pingin níor fhan aca dá mhéid é a gcumas is a ngustal gan caitheamh lé práisc: síor-chaithteacht. Tagann na deóracha nách mór liom nuair chuimhnighim ar an óige ar amharc ar an áit sin mar a mbímís ag práisc: ag súgradh. Leigidh don nduine saonta san anois, is ná déinidh práisc air, faghaidh ceap éigin eile chun seóidh: ná bídhidh ag imirt chleas air.

praiscín: *f.4.* aprún garbh, urthlach, bruiméadach. Praiscín lán de scioltánaibh lé haghaidh a sáidhte: urthlach amuigh ar chabhail dhuine fé ghreamughadh tímcheall na ngualann is bun droma, an síol i bpóca mór amuigh oireamhnach lé caitheamh san scoilt a néas an rann san iomaire. An gréasaidhe 'sa phraiscín leathair ar a thosach chun a choimeádta glan.

praiseach: (**pairseach**) *b.2.* biadh a fachtar as rud mar sin, plúr nó póire beirbhthe i mbainne nó in uisce; brachán; min choirce nó plúr in uisce nó i mbainne; achrann, cipeadarghail, milleadh, aiste aimhréidh. Thuit sé den gcapall is deineadh praiseach dá lorgain: mion-bhrughain: briste brúighte mar bheadh stúmpa gabáiste. Má ólann súd aon bhraon ní fhéadfaidh sé gan scéidheachtaint orainn mar ná fuil an fhothain ann, is annsan beidh an phraiseach ar fuaid na mias againn: gach aon rud ina raic: sin an scéal imthighthe soir siar. "An dríodar an chuid is reimhre den bpraisigh": an chuid is reimhre is fearr .i. i ndeireadh ruda seadh is mó a gheibhtear blas air. "Agus adubhairt Easú le

Iácób, guidhim thu beathuigh me leis an bpraisigh dheirg sin, óir táim lag...” (Gen. XXV. 30): brochán. Ní fada uait an chabhair (bás) tá dath na praisce ort. “Má iomcharann duine feóil naomhtha in íochtar a chuid éadaigh agus go mbainfidh a íochtar lé harán nó lé praisigh nó lé fíon nó lé hola nó lé biadh ar bith, an mbeidh sé naomhtha? agus d’fhreagradar na sagairt agus adubhradar, ní bheidh” (Haggai II. 12). “Ní bhíonn suas ach fear fuartha na praisce”: an té a bhíos ag tnúth lé cuid bhreise di do bheith aige féin. Braon praisce ní chuirfinn i ngioll lé n-ar thug sé riamh dom: ní mór is fiú a bhfuaireas uaidh. Níor cheap Dia riamh éinne is miangaisighe ’ná é, dúil an chait sa phraisigh aige i ngach rud go luigheann a shúil: dúil mhairbh. Fan ag baile dhuit féin, mo chómhairle dhuit, beidh an lá indiu ina phraisigh fén oidhche: beidh duartan báistighe ann. Ná bí ag áiteamh orm-sa nách é a bhí ann, d’aithneóchainn beirbhthe i bpraisigh é: is é a bheith ina bhlodhtachaibh beaga. Má labhrair aon fhocal ceisnimh leis, mar ní lugha leis an diabhal aníos ó ifreann ’ná é, déanfair praiseach den scéal: millfir gach aonnidh. A bhéal níor oscail sé ar ar thárlaidh, mar bhí sé féin chómh doimhin sa phraisigh leis an gcuid eile againn: é i dtreis. Ar an bhfuadar atá fén ndream so, a bhfuil de ghleódh is d’argóint aca, beidh praiseach sa tigh: achrann: bruighean. Sháidheas mo cheann eatartha d’fhonn an réidhtigh do dhéanamh, dar liom, ach is amhlaidh do dheineas praiseach den scéal: laiteas é. Bíonn blas milis ar phraiseach na gcómharsan .i. is úr stiall de leathar dhuine eile: daoine miangaiseacha ann ná beadh sásta gan ádhbhar de chuid na cómharsan do bheith aca. Ar rás, ar rith, ar léim nó eile dhéanfadh sé praiseach díot: bhuadhfadh sé pic ort: sháróchadh go bog ort. Níor dhóichighde dhuit sa phraisigh rud do dhéanfadh sé ná fealladh orainn tar éis na ngeallamhna go léir: thárlóchadh sé díreach chómh luath lé haon rud eile. Dá mhéid meas agat ort féin níor dhóichighde sa phraisigh agat ná teip ort: níor dhóichighde ar domhan ná é.

praisimín: *f.4.* daoine, ainmhidhthe nó rudaidhe bailighthe i muin mhairc le chéile. Chaith an bhean chugham an ghraimrisc a bhí gan díol aice, mion-ghabhair, maircréil bheaga is fo-scadán in aon phraisimín amháin ar leath-choróin: in aon charnán amháin. Budh dheacair a dhéanamh amach cé dhein an feall a’s na himirtheóiridhibh go léir ina bpraisimín i mbéal an bháide: i ndlúimh theanntuighthe. Rud ar fuaid na cisteann ní raibh gan bheith ina bpraisimín sa chúinne tar éis na séirseála ar lorg gunnaidhe: ina gcúl, ina gcuilín cnámh. Druididh ó chéile is ná bídh in bhur bpraisimín i lár páirce: in aon díorma teanntuighthe ar a chéile.

práisléad: *f.1.* muinche, crios órnáideach righe, síog tímcheall muiníl madra ar malairt datha leis an gcuid eile dhe; órnáid muiníl nó géige do dhaoinibh. Práisléad luachmhar tímcheall muiníl na mná uaisle: sreang péarlaidhe nó paidrínidhe luachmhara. A uanaigh, is mise a chuirfeadh ort práisléadaidhe dá mbeitheá agam mar chéile: ornáididhe ar do mhuineál is ar do righeannaibh. D’aithneófá mo chú-sa in aon áit, cú dhubh is práisléad bán: síog bán tímcheall a muiníl. “Agus do thárla an uair do chonnaic sé an fáinne cluaise agus na práisléadaidhe ar lámhaibh a dhribhshéar etc.” (Gen. XXIV. 30): na hórnáididhe maisighthe i bhfeirm slabhraidh tímcheall a righe.

práitín: *f.4.* práta beag. Oiread práitín níl ionta: an-shuarach.

praitinneamhail: *a.* pras, éascaidh, cliste, luath, éascaidh. Bí praitinneamhail nó beir déidheannach: luath, tapaidh, gan aon phioc den bhféar d'fhás fés na cosaibh. Capall praitinneamhail gur beag aige smut maith de bhóthar do chur de: luath, éascaidh. Bí praitinneamhail i gcómhnaidhe: bí id steille-bheathaidh chun ruda do dhéanamh a luaithe is bhíonn gábhtar nó riachtanas leis: friotháilt éascaidh, chliste. D'éirigh an t-éan as an gcorrach, go praitinneamhail chuir an fear a ghunna lé n-a ghualainn is lámhach é: go pras, prap. Déineann sé obair mhaith ach ná fuil sé praitinneamhail, caitheann sé mórán aimsire ag gabháil di: luath-lámhach. Gheóbhadh an friothálaidhe sin rud lé déanamh i dtigh ósta ná faghadh fear eile toisc é bheith chómh praitinneamhail: tapaidh pras ag friotháilt. Dá mbeinn chómh praitinneamhail as mo theangain leat-sa do bheadh breis aithne orm: chómh deisbhéalach. Buachaill praitinneamhail ar an bpeann: go luath is go maith chun scríobhnóireachta. Thug sé iarracht ar an airgead do sciobadh as mo phóca ach rángaidh liom bheith praitinneamhail mo dhóthain do, rugas ar righe air: mear.

praitinneamhlacht: *b.3.* éascaidheacht, mire, tapamhlacht, clisteacht, luas. Garsún gan aon phraitinneamhlacht é, d'imtheóchadh na céadta rud fé n-a shúilibh gan é ghá dtabhairt fé ndeara: gan puinn chríochnamhlachta ná tabhairt fé ndeara. Bíodh a bhuidheachas agat ar do phraitinneamhlacht féin, mara mbeadh an tslighe d'oibrighis agus a luathacht a tháinighis air do bhí do thigh dóighte go talamh: éascaidheacht is tapamhlacht. An phraitinneamhlacht nár fhág riamh é, nách maith luath atá sé ag cur de abhaile ón sráid: é pras chun a ghnótha do chur chun cinn is tiargabháil chun gluaiseachta. Praitinneamhlacht mhór atá in inneall bainte i gcómhnáird leis an gcorrán is an speil mar bhíodh ges na seandaoinibh: luathughadh oibre. Le ceal praitinneamhlachta is ní aimsire ní raibh sé riamh, riamh in am chun aonnidh: teacht in am-thráth ar rud mar oirfeadh do. Thaithnigh praitinneamhlacht an chapaill ar bóthar leis agus cheannuigh é dá dhruim sin: éascaidheacht: a ghluaiseacht thapaidh, seólta, líomtha. Déin praitinneamhlacht is beir luath do dhóthain: ná leig aon chao thart a bhrostóchadh thu is beidh agat. Díreach is é ag imtheacht de dhruim faille rug sé air lé praitinneamhlacht cheart: éascaidheacht gnímh.

prampsa: *f.4.* arbhar cruaidhte lé teas, cruithneacht rostaidhe, is ím uirthe; aon rud mar arbhar cruaidhte lé teas, glór cruaidh. Aon bheart ní dhéanfadh m'fhiacla ar an bpóire seo do chogaint tá sí chómh cruaidh lé prampsa: chómh cruaidh sin ná cnagfadh sí. Tabhair prampsa eórnan do is leamhnacht is cuirfidh sé ceól ann: eórna cruaidhte os chionn na teineadh. Is é an prampsa fuilngtheach é: duine cruaidh, láidir. Pramsaidhe ar fuaid an tighe aige lé teasbach nuair bhí a bholg lán: léimreach mar bheadh ag pocán gabhair.

pramsach: *a.* mórchúiseach, tóstálach, tóirtéiseach. Is pramsaighe go mór é tímcheall an tsiopa 'ná an té gur leis é, budh dhóigh leat air gur cheart do a bhfuil ann d'árdach leis idir cheirt chroiceann: is tóstalaighe. An siubhal pramsach atá aice, budh dhóigh leat gur inghean baintighearnan í: imtheacht galánta fúithi, dar léi.

pramsach: *b.2.* glór mar dhéanfadh fiacla ag cogaint ruda cruaidh; preabarnach nó corruighe mear mar dhéineann capall míoshuaimhneasach; léimreach, ranngás. Á, mhuise, ar mh'anam féin ach ná fuil aon mháchail ar an gcír (fhiacal) agat ar an bpramsach a bhaineann sí as an mbiadh: glór cruaidh: cnagarnach. Chuala pramsach ag

an gcapall sa stábla, d'éirigheas, shaoileas gur lé stróc nó tinneas do bhí sé ghá dhéanamh: glór mar bheadh sé ag stialladh na gcrúidhte ar an bhfalla nó ag bualadh an úrláir go cruaidh. D'fhairinn agus chloisinn iad is me im rud bheag ar phóstaidheachaibh ag rinnce ar lic an úrláir is pramsach dhá bhaint aca aiste: glór cruaidh leis na brógaibh. Dhéanfadh leath na pramsaighe an gnóth dhíbh, ní fhéadfadh éinne focal do chlos agaibh: léimreach is glór. An phramsach a bhí ar an gcapall ráis sar ar rith sé b'fhollas go raibh rith aige: eiteallach is léimreach neamh-shuaimhneasach. I gciúnas na hoidhche chloisfeá pramsach a bróg trom ar lic na sráide: glór mar bheadh ó shiubhal aindeis.

pramsáil: *b.3.* eiteallach, léimreach, cogaint ghlórach, glórghail throm mar dhéanfadh capall, nó duine lé brógaibh aindeise. Mar a bhfuair an t-arán buidhe cruaidh pramsáil ó n-a chír fhiacal ní lá fós é, chloisfeá ar an dtaobh amuigh de dhoras é: cogaint láidir chruaidh. An oiread pramsála ar fuaid an tighe aice is bheadh ag capall ocrach i stábla: glór is torann dhá bhaint aice as gach aonnidh go mbuaileann ina choinnibh. Ar an gcoinín bocht a bhí an phramsáil d'iarraidh é féin d'fhuascailt as an inneall is é ceangailte ar leath-chois ann: an léimreach imshníomhach is an suathadh. Mo náire é bheith ag pramsáil istigh san gclais éisc, ghá lat: ag léimrigh innte. Ní bheadh aon iongtas air sin pramsáil anuas id bholg: léimeadh: a thoil d'imirt ort. Ní rinnce é sin ach pramsáil: léimreach is glór trom. Bheadh a fhios cad é a luaimneacht atá fós ann dá gcloisfeá ag pramsáil an tsráid síos é: ag baint glóir leis an siubhal fuinnte atá aige. An phramsáil a thugann san do bhiadh siar ina bholg déarfadh éinne ná fuil aon léic ina shláinte: a mhire a chognuigheann sé é, agus a thapamhlacht do leigeann siar é. A thuilleadh pramsála anois agus stadfar an ceól so: iomad ranngáis is torainn.

pramsálaidhe: *f.4.* duine nó ainmhidhe a bhíos eiteallach, guairneánach, glórach. Bhodharfadh an pramsálaidhe sin duine lé n-a labhataisidhibh nuadh-bhróg is a shiubhal aindeis: duine a bhaineas fuaim ghlórach lé n-a choiscéimeannaibh. Ní luighe suain d'éinne ag an bpramsálaidhe capaill sin ag stialláil amuigh sa stábla gach aon oidhche: guairneánaidhe lé n-a chosaibh. Cloisfear an pramsálaidhe san, agus beidh beartha orainn mar táthar ar ár dtí: duine a néas torann bróg. Dar an leabhar breach so, is é pramsálaidhe bídh is mó dá bhfeaca riamh é: duine a itheas go fuadrach, is cnagarnach ge n-a fhiaclaibh.

pramsálaim: (**pramsuighim**) *b.a. 7 n-a.* déinim torann, ithim go luath, tapaidh, glórach. Mar phramsálann sé siar biadh chuirfeadh sé iongadh ort: chognuigheann is shloigeann. Seo amach leat is pramsáil leat mar a mbeidh fairsinge do dhóthain agat: léim is damhas is speach. Phramsálfaidís sin anuas ar do bholg dá leigtheá dhóibh é: phasálfaidís is léimfidís. Ná pramsáil ar an leic: ná léim lé glór.

prap: *a.* mear, pras, obann, beódha. Ó éireóchair ded leabaidh go n-ionnsaidhir airís í bíonn an chinneamhaint os do chionn agus cuimhnigh an lá is sláinteamhla duine go dtiocfadh an bás go prap air: go hobann tapaidh. Pé rud a bhíos idir lámhaibh agat bí prap, ná tabhair aon rud don siléig: praitinneamhail: tapaidh. Ní praipe-de thu aon rud do dhéanamh an lámh thinn sin agat: ní luathóchaidh sí chun gnímh thu. Chómh prap is d'fhéachfá thart tháinig an t-eiteallán de dhruim an chnuic anuas ar an mbaile léi: ar iompódh thart bhí sí tagtha. Congaibh do ghreim, bead-sa chun t'fhuascalta go prap: gan

aon mhoill. Is gan me ar mo chosaint féin mar budh cheart, fuair smeach phrap ar bharra na srón a chuir griofadach uirthi: buille mear gonta. Chómh prap lé héan léim sé uaim: luath, tapaidh. Aon iontaoibh ní bheadh agam as oidhche gheimhridh, d'athróchadh sí ar olcas ar phrap na súl: faid bheifeá ag dúnadh do shúl. Iasc mall seadh é ná beireann (go) prap ar an ndubhán: mear, tapaidh. Má dhéinir in ao'chor é dein prap é: go brostuightheach. Obair neamh-phrap bheith ag útamáil lé meilit úirlise: obair righin, mhall. Cuir síos go prap mar is mear do thógfá: go luath, tapaidh, pras.

prap-: *i gcfhbh.* pras, mear, beódha, éascaidh. Seal beag ar an dtraen dúinn in aon charbad nuair chuireamair prap-aithne ar a chéile: aithne gan puinn moille ná aireachais. Thug sé prap-amas fén airgead bán do sciobadh, ach bhítheas ró-luath dho is rugadh air: fogha sanntach, grod. Ní bhfuaireas ach prap-amharc air nuair cheileabhair sé dá thagairt duit ná féadfainn a chómharthaidhe do chur: radharc uairín. Toisc a chlos go raibh sé tímcheall fóid an mharbhtha ar uain áirighthe caitheadh prap-amhras air de chionn a dhroich-theiste: amhras ar an láthair sin. Prap-at gan aon chúis ar domhan seadh é: a tháinig go grod. Dá bhfaghadh sé prap-bhuille nó dhó ar a chainncín b'fhéidir go mbainfeadh sé smut den réim de: buille gleóidhte, gonta gan choinne aige leis. B'é siúd an prap-bhearradh is fearr do fuaireas riamh ó aon bhearbóir, ní mór go rabhas réidh sa chathaoir nuair bhí sé réidh lém cheann!: spealadh mear. Ar bualadh ar an gcarraig di do chloisfeá ag prap-bhriseadh ó phósta go snaidhmin í: gach aon chnag aice ó thosach deireadh. Ní gléastach é ag imirt cluiche, tá sé árd-prap-bhuailteach: ró-ullamh fé n-a bhuille. Tímcheall Leineangrad atá an prap-chómhrac an aimsir seo. Is iad ná fuil ag tabhairt an tsosa dá chéile: troid phras, ghrod. B'é toil Dé é go dtáinig prap-chabhair ort is tu i dteannta fén ngluaisteán ní bheifeá annso anois: cabhair in ullmhacht. Ins na prap-chastaidheachaibh a thugadh an girrfhiadh, go gcuireadh a thóraidhe na slata as a slighe, seadh thraoch sé an chú: iompuighthe groda. B'fholláin do n-a raibh tímcheall ar an dtarbh fiadhain gur dheineadh prap-cheangal air mar phleanncfadh sé an t'anam as a raibh láithreach: gur greamuigheadh go pras, tapaidh é. Gan amhras tá seasamh maith aca dhá dhéanamh, ach prap-chlaoidhfear sa deireadh iad: claoidhfear in aonfheacht go hobann iad. Ar mhaith leat a fhios a bheith agat cad í an chrích a ghuidhfinn-se dod leithéid de bhleaigeárd? prap-chrochadh: crochadh chómh luath in Éirinn is b'fhéidir é. Caithfir prap-chunntas do thabhairt ina bhfuil déanta, is gan déanamh agat chun an lucht ceannais do shásamh: cunntas ar thap an tairnge. Tugtar prap-chóngamh ón riaghaltas ar son na tubaiste seo nó beidh daoine ag siolagar: cabhair ghrod lé haghaidh géibhinn. Bhuail sé agus bhuail sé ó thalamh, ach níor thúisce sin ná prap-dhorn fachta aige i bpoll na cluaise a chuir ag grogghail é: dorn le luas splainnc. Ag déanamh siar ar dheireadh bhí náire ag teacht air go mbeimís déidheannach aige is dhein sé prap-dheabhadh: deabhadh obann. Ar eagla go dtiocfí isteach air is an doicheall ina chroidhe roim éinne, do phrap-dhún sé an doras: chómh tapaidh is b'fhéidir leis é. Phrap-dhúisigh an phramsáil ar fuaid an tighe é: mhúscail as a shuan ar an dtoirt. Lé dhá uair an chluig táim im phrap-dhúiseacht ag feitheamh leat: mo shúile ar dearg-leathadh gan rian codlata orm. Prap-dhírigheadh an bád sa bhfarraige bhriste, mara mbeadh san iompófí í: tugadh a tosach go mear seólta dhi. Ag cúladh dhóibh tar éis an chatha thugadar prap-eitim ar an abhainn do chur díobh, ach teanntuigheadh iad is níor fágadh neach díobh beó: iarracht thapaidh, fhuinneamhail. Seadh, a bhuachaillidhe, a leithéid sin de phrap-éisteacht, cé shaoilfeadh go gcloisfeadh sé cad bhí ar siubhal againn ar a fhaid a bhí sé uainn agus a ísle do

labhramair: éisteacht ghéar. Má treascaradh féin é budh ghearr an mhoill air siúd bheith ina phrap-éirghe: ar a bhonnaibh go pras. Réim an domhain a bhí fé ar feadh tamaill gur prap-fhiafruigheadh de ar cheap sé ná raibh teanga i gceann éinne eile: go hobann, is a bhain preab as. Budh chuma leis an fhírinne nó an t-éitheach aige thug sé prap-fhreagra ar gach ceist do cuireadh air: ar iompódh na baise. An phrap-fhéachaint do thugadar orm nuair dubhart rud éigin leó nár thaithnigh leo, budh dhóigh leat go n-íosfaidís me: féachaint mhear, ghrod. Mearaice ag prap-fhógairt catha ar an Almáin an uile lá má dhéanfí teangmháil lé haon cheann dá loingeas: ag bagairt go mion, minic, gleódhach. Ghá phrap-ghabháil féin lé teann imshnímh go raibh gach aon rud ag dul amudha air: ag cur air chómh luath in Éirinn is b'fhéidir é. Tugadh prap-iarracht fé me leagadh nuair ná rabhas ar m'aire: obann, dóighte. Thug an tiománaidhe prap-iompódh don ngluaisteán chun gluaisteáin a bhí ag nochtadh an chúinne do sheachaint: casadh grod, tapaidh. Níor bh'fhada go raibh fios gach aonnidh agam ón bprap-innsint a dhein sé dhom ar ar thárlaidh: cruinn, gearr. An capall ag gluaiseacht go breágh, bog, mall, réidh gur bhain rud éigin sceit as, gur thug prap-léim, is gur cuireadh glan amach ar mo smúsaigh as an dtrucaill me: léim mhear gan choinne léi. Prap-láimhsigh é nó beidh sé imthighthe uait: beir go diair air. Ó, a dhiabhail, dá bhfeictheá an prap-lasadh a dhein sé bladhm mhór, árd nuair tugadh teine dho: mar bhuailfeá do dhá bhais ar a chéile. Tháinig prap-leóithne ón dtalamh is bholguigh na seólta leis go haoibhinn: gaoth mhear, anamamhail. Ar an bprap-lasair atá fé chorcán anois ní fada bheidh sé: beódha, anamamhail, te. B'shiúd é an fear chun prap-léirighthe do dhéanamh ar gach ceist do cuirtí air: míniughadh gan ró-mhoill. Sin í an prap-imirt agat gur taithneamh amharc uirthi ná fuil leasc ná righin ach mear, tric. Lé duine a bheadh tugtha do rudaidhibh do sciobadh nó d'fhuadach déarfí, "tá sé prap-mhágach": mear, tric as a lámhaibh chun rudaidhe do ghreamughadh. Muna n-osclair-se do shúile agus aire mhaith do thabhairt dod bhóithribh bainfear prap-mhúscailt asat ná taithneóchaidh leat lá éigin: dúiseófar thu i slighe go dtuigfir do bhotúin. An phosóid the a fuair sé dhein sí prap-mhaitheas do: maitheas ar an láthair sin. Tháinig prap-mhachtnamh chugham go raibh rud éigin bun os cionn toisc ná raibh éinne fiú amháin ag beannughadh dhom: smaoineamh obann. Sin é an té díreach a phrap-mhaoidhfeadh ort aon mhaith a dhéanfadh ort: a bheadh ghá chasadh leat ar a luighead cúise. Is air is geairrid rud do phrap-mheabhrughadh ná déanfadh duine eile choidhche: a thabhairt fé ndeár gan puinn moille ná machtnaimh. Tabhair deoch don raigín is gheóbhair prap-mholadh uaidh, eitigh é is gheóbhair prap-tharcuisne: moladh iongtach. Glóire do Dhia, nach iad na Giúdaigh a phrap-neaduigh in ár measc: a tháinig is a chuir fútha go hiomadamhail gan choinne gan aireachtaint. B'fholláin do an doras do phrap-oscailt mar cuirfí isteach ar an úrlár chuige é lé lasca!: go héascaidh. Á! an diabhal ort anois, eadrainn féin níor cheart duit bheith chómh prap-obann san liom is breith ar scórnaigh orm: ró-dhian ar fad, ar fad. Fear thar fhearaibh seadh é ar phrap-ócáid, thiocfadh chun do chóganta ar an dtoirt: ócáid go mbeadh géibhinn léi. Fuaireas prap-órdughadh bheith ag cur díom: dá luaithe a bhaileóchainn liom gurbh eadh b'fhearr dhom é. Baineann san prap-osna asat: osna chruaidh, ghrod. Ag prap-phasáilt na gcocaidhe ar eagla na báistighe: go luath, mear. Ós rud é nách aon mhaith bheith d'iarraidh síothchána do dhéanamh eadraibh beirtear ós chómhair giúistíse é, a dhéanfaidh prap-réidhteach air: a shocróchaidh gan ró-mhoill bhur gcúrsaidhe. Raghainn ann de phrap-reathaibh cos dá aosta é me: siubhal fuinneamhail. Dá cheann-dáine é cuireadh prap-ruathar air: an teicheadh tapaidh. Thugamair prap-sháthadh amach agus sciobamair linn an raic idir dhá

uain: fogha tric lúthmhar. Budh dhóigh leat ná beadh breac sa bhfarraige dhe go dtabharfadh prap-sciúird: cuaird obann is imtheacht airís. Cuirfead-sa ag prap-sheimnt puirt éigin eile thusa: cuirfead iachall ort malairt cúraim do dhéanamh. Ag prap-shéideadh is ag prap-shéideadh na teineadh a chuaidh in éag dem aindeóin: ag séideadh ar mo chroidhe díchill. Í ag gluaiseacht go hiongtach dár sástacht nuair phrap-stad sí is ná chorróchadh dár ndícheall: stad go hobann gan choinne. Thugas prap-shúil air a chuir in iúil do nár thaithnigh a bhearta liom: amharc grod go raibh míchéadfadh innte. Má thugann tú prap-tharrac don ndoradha brisir é, mar tá sé lag, righin-tharrac a oireas do: stracadh grod. Tugaimís prap-thál don mbarraille: bímís ghá tharrac is ghá dhiúgadh. Buachaill prap-thalmhaidhe nách ró-fhuraiste a bhaint dá bhonnaibh: teann, tulaing ar a bhonnaibh. B'shiúd é an fear ná leigfeadh ar lár duine is é a phrap-thaobhuigh leat nuair chonnaic sé an bhroid ort: a thacuigh ar an dtoirt leat. Prap-thaosc an bád nó suncálfaidh sí: caith amach go géar láidir a bhfuil d'aisce innte. Sin é an prap-theacht, mo ghradhain croidhe is tú gur fiú feitheamh leat: teacht luath. Theastóchadh prap-theannadh uaidh, tá sé ag cnúbháil: tacaidheacht mhaith gan doicheall, gan choigilt. Na prap-thonna beaga ag leaghadh ar ghainimh na trágha: tonna miona go dlúth gleóidhte dhá spréidheadh féin go mion, tiugh. An prap-thorann do baineadh as an dtigh nuair bhuail an pléascán air sceimhligh sé a raibh láithreach: an trom-shuathadh glór gan choinne ó neamh anuas leis. Prap-thuirse ort ná fanfadh socair: tuirse go luath is go trom. Ar sháthadh an lannsa don ndochtúir san gcnapán phrap-thrághaidh sé, rith an t-othar ina sconna as: d'imthigh an t-at is an droch-thompar as. Ní mór an mhoill a congaibheóchad so ort, bead ar an bhfód go prap-thráthamhail: go luath, luaimneach. Is tú do phrap-thréig sinn lé linn na conntabharthach: gan ró-mhoill. Machtnuigh go maith, ní theastuigheann aon phioc ded phrap-thuairmidhibh uaim: a ceaptar láithreach bonn. Sceinn an t-éan den dtor, scaoileas prap-urchar leis, is síneadh é: tric. Choidhche, faid agus mhairfir gheobhair prap-umhalóid uaim-se mar shaorais ó bhás me: ómós géilleadh gan choigilt.

prapadh: *f.* (*-ptha*) gearr-eaga, preabadh. I bprapadh na súl bhí sé imthighthe as mo dhá láimh amach: gan choinne ón spéir agam leis: faid bheifeá ag luighe mogall na súl ar a chéile.

prapáil: *b.3.* ullamhughadh, tiargabháil, cóiriughadh. Is mithid bheith ag prapáil chun iascaigh tá an tráthnóna ag déidheannughadh: tiargabháil: do bheith ag cur na n-adhlainidhe lé chéile. "Bímís ag prapáil" adeirtear nuair bhíonn fonn gluaiste ar dhuine. Dob iongtach an phrapáil do céad púnt do chur lé chéile ina ghiorracht aimsire: budh dhiail an chríochnamhlacht is an obair é. "Ag dul 'on Daingean ataoi?" – "ag prapáil air": ag tabhairt fé. Fear maith prapála ar gach slighe é, ní leigeann sé aon tsiléig air féin: chun a phoinnte do chur chun cinn. An bhacaighe ag gabháil lastuas den aindeiseóir, ach mar sin féin bíonn sé leis: ag casadh lé bheith ag dul ar aghaidh. Ar mo dhícheall ag prapáil liom chois an fhalla sa doircheacht: ag gluaiseacht lé teannta an fhalla. Bí-se ag prapáil thiar leis agus is fearrde é: ag teannadh, cabhradh leis. Ní cás duit prapáil as, tá sé chómh maith san agat: tacaidheacht is maoidheamh.

prapálaim: *b. n-a.* ullamhuighim, tiargabhálaim, cóirighim, tacuighim lé. Prapáil liom nó stroillfead: déin tacaidheacht liom. Dar mo leabhar duit gur phrapálas liom as an áit chómh luath agus chonnac an droch-fhuadar fén gcuideachtain: gur chuireas díom go

luath, réadh-chúiseach. Phrapálfá thiar leis is dócha, dá mbudh b'fhiú leat air é: thacófá leis.

prapálta: *a.r.* ullamhuighthe, tiargabhálta, cóirighthe, teanntuighthe (lé). Caithtear é do chongbháil prapálta aniar sa leabaidh tá sé chómh lag san: teannta do chur lé n-a dhrom. Anois díreach ar an nóimint seo bead prapálta chun gluaiste: réidh, ullamh. Gach aon rud prapálta anois, níl ann ach gluaiseacht: socair, réidh. Mara mbeadh a fheabhas a bhís prapálta liom d'imtheóchainn im roilleach: an cóngamh a bhí thiar liom bhíos imthighthe gan áird. Ní fheadar cá bhfuair sé adhbhar an dinnéir ach tá sé prapálta aige: réidh.

pras: *a.* tapaidh, mear, líomhtha, grod, prap. Cuir síos mar is pras do thógfá: tapaidh, gan aon tafant. Bí pras leis an gcómhaireamh, táthar ag feitheamh ort: tapaidh, éascaidh. Nách mór an iongadh nár labhrais, bíonn teanga phras agat, mhuis, go minic nuair ná hiarrtar ort í: luaimneach: neamhmall. "Sis pras do spreag ar théadaibh etc.": mear, eascaidh, ceólmhar. Caithfead tú do scaoileadh uaim, táir beagán ró-phras sa choisidheacht dom: ró-mhear: ró-thapaidh. Dhéanfá i bhfad níos fearr gan bheith leath chómh pras féd dhorn: tapaidh chun duine do bhualadh. Is aige siúd atá an teanga phras Ghaedhealainge: líomhtha, soiléir. Is beag ge n-a mhéireanntaibh prasa so maircréil do phriocadh as líontaibh: tapaidh chun teachta ar a gcúram: so-ghluaiste. Shuidheas chómh pras is d'éirigheas leis an anabháthadh: chómh mear díreach. Bír ró-phras ag rámhaidheacht: ró-thapaidh léd bhuille. Go maidean bheadh an freagra pras aige dhuit: ar bharr a theangan. Nách pras a chonnaicís é: gan mhoill. Ní prasaide an obair é do bheith ag gabháil di, mar is ag scéaltóireacht do chaithfidh sé furmhór a shaoghail: ní luaithe de.

prás: *f.1.* coimmiotal cruaidh soi-liocuighthe de chopar is de stán; airgead ruadh. Sin púnt ina phrás agat cómhairigh é: ina pinginidhibh is leathphingnidhibh is feóirlingidhibh. Dá mbeadh ceann práis ort bhodharfaidís thu: ceann cruaidh. Mo cheann ina phrás má thugaim aon tor ortha: ceann mar phrás cruaidh. Mar a chéile dhuit bheith ag gabháil ar a cheann práis nó bheith ag gabháil ar an bhfalla: a cheann cruaidh. "Do dhéanfaidh tú a beanna ar cheithre chúinnibh; beid a beanna den gcéadna; a's foileóchaidh tu lé prás í" (Ecs. XXVII.2) .i. chun nirt do chur innte. "Ach do ghabhadar na Filistínigh é, agus do bhaineadair a shúile as, agus rugadar síos go gasa é, agus do cheangladar lé geimhlibh práis é; agus do bhí sé ag meilt i dtigh an charcair" (Breith. XVI. 21): geimhle láidre: daingne. "An é mo neart neart na gcloch? nó an de phrás m'fheóil?" (Iób. VI. 12): an bhfuilngeóchadh mo chuid feóla oiread lé prás? "Agus réabfaidh me neart bhur n-uabhair agus déanfaidh me bhur neamh amhail iarann agus bhur dtalamh amhail prás" (Leibh. XXVI. 19): árd-chruaidh, árd-dhaingean. Dá mbeadh an prás againn bheadh gach aonnidh againn dar linn: an t-airgead.

prásaidhe: *f.4.* duine a bhíodh ag obair ar phrás.

prásáil: *b.3.* táthadh dhá mhiotail, barrógadh, dlúthughadh. Táim gan pósadh gan prásáil is bead choidhche, mo thuairm: ceangailte síos. Choidhche shaoileas ná féadfainn a ghéaga d'fhágaint, é dhom phógadh is dhom phrásáil: ag cur a ghéag im thímcheall is ghom theannadh leis.

prásálaim: *b.a.* dlúthuighim, táthuighim (miotail); barrógaim. Phógfadh sé is phrásálfadh sé thu nuair bhíonn braon fén bhfiacail aige: bheadh sé ag lútáil i dtímcheall dhuine.

prásálta: *a.r.* dlúthuighthe, dlúthuighthe mar miotail ar a chéile. Is fada pósta prásálta é: fé chuing cheart ceangailte lé saoghal dhuine.

prasamálta: *a. n-dh.* galánta, príomhaidhe. Cuireann sé chun labhartha go prasamálta, na crans a chuireann sé ar a chuid cainnte: an tslighe chanta a thugann sé iarracht ar labhairt. An hata prasamálta a bhí uirthi, thug gach éinne fé ndeara é: príomhaidhe: nósmhar.

prásla: *f.4.* fleasc nó bannda miotail nó eile a caithtear tímcheall an righe. Prásla óir, airgid, etc. Dá mbeadh ciall agat bheadh práslaidhe indiu ort: órnáididhe airgid lé saidhbhreas.

práta: *f.4.* plannda go mbíonn meacan cruinn in-ithte air. Ní prátaidhe aith-téidhte a fuairis as t'óige, a bhuachaill: ní maith iad. Cad fuaireas, prátaidhe fuar-bheirbhthe .i. ní maith iad. Plúr an phráta a theas .i. sin é an uair atá an mhaith ann. "Bheadh na fataidhe bainte, nighte, bruithte, ithte ag an gConnachtach faid bheadh an Muimhneach ag rádh prátaidhe!" Ath-phrátaidhe: prátaidhe as an dtalamh céadna an dara bliadhain. Iontaoibh an phráta bheirbhthe ní thabharfainn leat .i. dhóghfadh san an scórnach go maith ag duine, mar an gcéadna ní fhéadfainn do bheith deimhnightheach ná clisfeá orm. Ní bhíonn leis na prátaidhibh againn ach tu – is tu an ceap cainnte bhíonn againn: cómhrádh bídh. (Na prátaidhe príomh-bhiadh na mbocht tamall). Fiú an phráta ní bhfaghfá uaidh .i. tá sé an-ghortach. Caith na prátaidhe fabhtacha chun na muc: go bhfuil máchail ortha: fochail nó a leithéid. Prátaidhe gréine: iad so go dtagann dath na gréine ortha ó bheith leis. Prátaidhe piastacha: ithte ges na piastaidhibh. Prátaidhe brúighte, rósta, nuadha, etc. Prátaidhe seic-bheirbhthe!: ró-bheirbhthe, ach gurb amhlaidh do bhíd leachta in ionad bheith cruaidh! Prátaidhe miona = critheáin. Prátaidhe plúracha: go mbriseann an croiceann ortha lé n-a bhfeabhas is go mbíonn cuma is dath an phlúir ar an mbiadh. Táid ina bprátaidhe préachán: fágtha ar an ithir gan priocadh. Luthóg: prátaidhe rósta i ngríosaigh teineadh. "Prátaidhe ar maidin is prátaidhe um nóin, is dá n-éirighinn i meádhon oidhche is prátaidhe a gheóbhainn" ars an té a gheibheadh go ró-mhinic iad. Prátaidhe móra gan puinn maitheasa mar bheadh dóighte gen sioc, stagúin. Ní thabharfadh sé an práta féin: droch-thalamh. Duine fíor-sprionnlaithe a dhíolfadh ar phráta thu é sin: duine gan aon mheas aige air féin.

prátamhail: *a.* lán de phrátaidhibh, ar chuma an phráta: gort go mbíonn toradh dhíobh ann. Féach an ceann prátamhail atá air!: déanamh práta.

preab: *b.2.* sceit, léim, suathadh, speach, bíodhgadh, eiteall, geit; meisneach, brigh, luadar, luadhaill; fearamhlacht, féile; ar an (dtoirt); eagla; corruighe grod, aindeónach maothán. I mí mhairbh na hoidhche do léim an rud amach ar an mbóthar rómham, agus is é do bhain an phreab asam: a dhein suathadh cuirp orm. Ná baintear aon phreab asat, fan chómh suaimhneasach agus is féidir leat: ná corruigheadh aon rud a thárlóchaidh maothán id chorp. Bhain bás m'athar preab asam mar ná raibh aon choinne agam leis: dhein sé suathadh obann orm: chuir sé trí chéile orm. Níl sé ró-láidir, is furaiste preab do

bhaint as: é do shuathadh: eagla do chur air. Thugas preab obann den gcathaoir: léim obann, ghrod. Thug sé preab ar mhuin capaill is as go bráth leis: chuaidh de ghlan-léim luais ann. Thug m'alt preab ag imit peile is tá sméideadh bhacaighe riamh ó shoin ionam: corruigheadh na maotháin ina thímcheall. Thugais (bhainis as) preab dom chroidhe nuair screadais gan choinne agam leis: chorruighis é le heagla. Níl aon éirghe ar an iasc na hoidhcheannta so ach lé beódhachtaint b'fhéidir go dtiocfadh preab: go dtiocfadh corruighe ann. Aonach gan aon diabhal preibe dob eadh é, níor buaileadh barr slaite ar ainmhidhe ann: anamamhlacht: ceal ceannaidheachta. Shaoil an saoghal mór go gcuirfeadh an cogadh preab i seifteannaibh: go mbeadh breis ceannaidheachta is glaodhach ortha. Tá an diabhal féin lé manaois is siléig ort, cuir preab ionat féin: anamamhlacht: breis chlóidh chun oibre. Cad tá in ao'chor air lé déidheannaighe? níor fhan aon phreab ann: spirid ná imtheacht fuinneamhail. Ól an braon maith sin, is cuirfidh sé preab ionat: músclóchaidh sé do spirid. "Níl preab na plibín! ann", adeirtear lé síománaidhe ná déanfadh maith, nách mór a labharfadh focal den gcainnt leat. Dá mbuailfeadh seisean leat as baile ní luighfeadh sé a shúil ort is é go bhfuil an phreab ann, is é a thafantóchadh biadh is deoch ortha: féile: speach chun déanaimh do thabhairt do dhuine: fearamhlacht. I ndeireadh an lae thiar tar éis a bheith ag obair go dian ní bhíonn sé de phreib ionam dul thar tigh amach: d'anamamhlacht. An bhfuil sé de phreib ionat seasamh i dtroid leis?: de mheisneach. Budh mhór an phreab do a rádh leo dá mbeadh oiread eile aca ann ná cuirfidís aon scáinteacht croidhe ortha féin: meisneach. Cuirfidh béile choirce preab bóthair sa chapall: fonn chun. Thug sé seasamh maith uaidh lé n-a linn, tá sé i ndeireadh na preibe anois, agus is mithid do san, is iomdha lá aoise aige: i ndeireadh a shaoghail. Tháinig an cúrsa de phreib orm is ní raibh eaga agam ar bheith réidh aon rud do dhéanamh a chosnóchadh me: go hobann. Bí amuigh as mo thigh de phreib is ná doirchigh mo dhoras go deó airís: ar an dtoirt. Is mall atá sibh, cuirtear preab san ól: óltar siar go pras is glaodhtar airís. Dá mbeadh preab fir ann ní leigfeadh sé a bhuille lé héinne: fearamhlacht cheart. Preab do baineadh as atá ag teacht leis: suathadh scannraidh. Nách ciúin marbh atáthaoi, gan preab in éinne: focal ná gníomh.

preabadh: *f.* (*-btha*) léimeadh, mear-chorruighe, speachadh, creathadh, bualadh. Mo chroidhe ar preabadh a thómhas gach uair liom cathain bheadh an namhaid orm: ag bualadh go mear. An té a ghéillfeadh dos na páipéaraibh budh dhóigh leis go bhfuil fonn preabtha 'on chogadh ar Mhearaice gach aon lá: fonn léamtha: sáthadh ann go hobann. I bpreabadh na súl bhí sé déanta aige mar is maith an sás chuige é: faid bheifeá ag rádh "bíodh": ar an dtoirt. Ag preabadh chugham a bhí sé in ionad aon mhaoluighthe bheith ag dul air: ag éirghe chugham: ag dul le buile chugham. Ní fheadar an bhfuil Sasana ar tí preabtha chughainn?: chun ár dtíre d'ionnsaidhe. Budh dheacair do do bheith níos laige, níl aon phreabadh ina chuisle: an léimreach nó bualadh nádúrdha laguighthe. Ag preabadh ar an gcapall dom ghoirtigheas mo ghabhal: ag léimeadh ina dhrom. Cé hé nár ghleóidhte leis an caislín aitinn ag preabadh ó thor go tor: ag eiteallaigh. Tugann sé an oidhche ag preabadh sa leabaidh: gach aon mhion-léim aige trí n-a chodladh. Ar tí preabtha chun a chéile nuair cosnuigheadh iad: a chéile do chómhrac. Táid ag preabadh chun tosaigh orainn: ag dul chun cinn orainn. Sé bheadh uait-se bheith ag preabadh ar na daoinibh i gcómhnaidhe: ghá bpasáilt. Ar phreabadh chun oibre anois bheadh sibh réidh fé thráthnóna: dul ina feighil go tapaidh. Aon deallramh níl lé preabadh ar chorp isteach ar líon tighe is iad ag itheadh: sáthadh isteach chúcha gan chuireadh gan iarraidh. Ar

phreabadh na súl d'éireóchadh rud do dhuine mara mbeadh aireach: gluaiseacht ghrod, chorrach: lingeadh. Brathaim rud éigin ag preabadh istigh ionam: ag léimrigh ar nós na cuisleann. Chidhfeá annsúd an fheóil ag preabadh air le holc (fuacht, eagla etc.): ag corruighe go mear. Aon phreabadh ní raibh i stoc an t-aonach so ach oiread leis an aonach atá imthighthe: corruighe: éirighe i luach ná breis cheannuighthe air. Dubhart leis preabadh chun a thighe chómh luaimneach agus bhí ina chroidhe, go raibh rud éigin bun os cionn: imtheacht go diair, láidir. Ná bí ag preabadh as do chorp chugham-sa mar ná fuil aon chúis agat orm: ag léimeadh lé holc. Seachnadh gach éinne é féin air siúd, tá sé ag preabadh as a chroiceann: gomh is fearg air.

preabaim: *b. n-a.* léimim, sceitim, geitim, speachaim, lingim, triallaim go hobann. Preabann a croidhe uirthi lé haon scéal gan choinne: tugann sé geit de chionn imshníomh nó eagla. Is orm-sa ná fuil a mhearbhall, is tapaidh do phreabfá chugham dá mbudh dhóigh leat go n-eireóchadh: do shádhfá chugham chun mo dhíthe nó mo bhuailte. Preab chun bóthair i dtúis lae más mian leat do thriall do shroichstint in aon ullmhacht: cuir díot chómh mear is tá id chosaibh. Preab air!: léim air!: bí ina mhullach!: ionnsaidh é! Preab thiar orm go n-árduighead thar sruth thu: léim ar mo dhrom. Phreabas ar chlos an scéil dom: gheiteas: chorruigh maotháin mo chuirp leis an suathadh a deineadh orm. Mar duine ar fionnraighe i leith a fhios gach uair liom go bpreabfí chugham faid agus bhíos ag fuadhach na ngunnaidhe: go dtiocfí go hobann orm. Preab as san uaim, teastuigheann uaim suidhe san ionad san: éirigh de gheit. Nuair buaileadh an doras de thorann phreabas im shuidhe d'fhéachaint cé a bhí ann: léimeas go mear amach as an leabaidh. An tarbh san, ná bíodh aon iontaoibh agat as, phreabfadh sé ar luighe na súl: shádhfadh: d'ionnsóchadh thu. Preabfad 'on Daingean ambáireach, bí foidhneach, is béarfad a mhalairt chughat: luathóchad ann gan mhoill ná grogadh. Preab leat anois, adeirim leat, faid bheir glan: gread leat: bí ar gluaiseacht. Preabaidh isteach 'on imirt: sáidhidh is bíodh fuinneamh fúibh. Phreabas as an mbaile nuair chonnac nár thaithneamh leó me: d'fhágas go grod. Ar shatailt ar an éan dom phreab sé fém chois: thug corruighe obann mar bheadh d'iarraidh é féin d'fhuascailt. Preab fém dhéin is beir ar láimh orm nó tuitfead: rith, léim, tabhair séap. Mar dhéanfadh buachaill maith, preab ina choinne go dtín baile mór: imthigh is buail leis. Preabann an t-iasc chughainn gur bhuail na líonta ar tóin puill nách mór: sádhann sé go hiomadamhail ionta. Preabtar chuige ar a luighead dearmhaid a néann sé: gheibheann sé an teanga.

preabaire: *f.4.* duine, ainmhidhe nó rud a léimeas, a sceinneas, a eiteallas; duine teann, anamamhail, láidir; barránach. Sin chugham preabaire an teinteáin go socruighead an teine: an tlúth! Ag súisteáil dom do bhriseas preabaire an ghaid sa tsúiste: an buailteóir. Beirt phreabairidhe tuinncéiridhe ag baint fuil mhairt as a chéile: fir lúthmhara, láidre. Preabaire breac ag eiteallaigh ó dhruim druim na mbó ag taighdeadh na bpiast: an snag breac: preabaire na mbánta. Budh cheart go mbeadh do chlann mhac ina bpreabairidhibh fear, tá sé d'aois aca: gníomhach, lúbach, láidir. Éist liom-sa anois, a phreabaire, má bhír d'iarraidh cártaidhe do chúbláil chughat cuirfear den mbórd: barránach, cleasaidhe. Do chroidhe díchill do dhéanamh ní bhéarfá ar an bpreabaire bramaigh sin atá ag caitheamh a thóna lé teasbach: bramach fiadhain, láidir, luaimneach. Tá diongmháil an fhir sa phreabaire cailín sin: atá lán de cheól is d'anam. Nách tú an preabaire agam go mbeifeá ag cur isteach ar gach éinne a gheóbhaidh id threó: duine eadráin: cleithire.

preabaireacht: *b.3.* léimreach, eiteallach, geitealach. Bhrathas an breac ag preabaireacht ar mo dhubhán, is thairngeas air ar dalladh: ag léimrigh d'iarraidh é féin d'fhuascailt. An lé heagla roimis atáir ag preabaireacht?: ag corruighe go míoshuaimhneasach. Mo chuid feola ag preabaireacht lé fuacht: me ar baille-chrith. Má bhír ag preabaireacht ar an mbórd lag san, brisfir é: ag ionfairt. Preabaireacht atá ag an dtarbh ní dhairfidh sé choidhche an bhó: léimreach neamhthualaing.

preabamhail: *a.* fearamhail, fial, spirideamhail, galánta, bríoghmhar, gníomhach, sceiteamhail, geiteamhail. Ar bhóthar ná ar chasán níor casadh riamh orm é ná go mbeadh preabamhail, dá dtagadh isteach i dtigh tábhairne sheasóchadh do lán an tighe: spirideamhail, mór-chroidheach. Chun iasachta aon ruda do thabhairt tá sé ró-phreabamhail: fial: féicheamhanta, gan machtnamh an bhfillfeadh air nó ná fillfeadh. Nuair chonnaic sé an duine bocht dá eiteach ag an siopadóir sháidh sé a lámh ina phóca go preabamhail is dhíol féin as an earra: fearamhail, galánta, spirideamhail. D'fhear bheag gan deallramh ná tuairm do thug sé fén bhfear mór go preabamhail: meisneamhail, spirideamhail. Daoine preabamhla muinntir an tighe sin, ní leigfidís aon leath-cheann ar éinne: fiala: a dhéanfadh comaoin de gheit: mór-chroidheacha. Aon ghnóth ar domhan ní bheadh ag an ngarsún lag san i ndiaidh an chapaill phreabamhla san: a thógfadh sceit ar a luighead cúise. Bídhidh preabamhail ar an dá thaobh, scoiltidh an deifridheacht is déinidh an margadh: neamh-sprionnlaithe.

preabamhlacht: *b.3.* féile, spirideamhlacht, anamamhlacht. Bíodh do mhuinghin as phreabamhlacht an fhir, ní chlisfidh sé ort má bhíonn sé ar a chumas in ao'chor maith do dhéanamh duit: fearamhlacht, féicheamhantacht chun gnímh galánta do dhéanamh. Th'anam 'on diabhal, a raigín, ní raibh aon phreabamhlacht riamh ionat, cathain a connacthas cubharán ar do ghloine?: éascaidheacht chun dighe do ghlaodhach. Dá mbeadh aon phreabamhlacht ionat thabharfá pingin, greim bídh nó rud éigin mar dhéirc don aindeiseóir sin sara leigfeá uait follamh é: féile: so-chroidheacht. Cár imthigh an phreabamhlacht a bhíodh ins na sean-daoinibh?: an féicheamhantas chun cómhchabhartha. Mara mbeadh a phreabamhlacht do léimis i leathtaoibh ar ghruadh an bhóthair bhí an gluaisteán gabhtha tríot: tapamhlacht.

preabán: *f.1.* ceirt, giobal, paiste, blúire (éadaigh). Is fearr preabán ná poll is níl ann ach san: paiste: blúire éadaigh nó adhbhar eile fuaighte ar pholl chun a chlúduighthe. Deirtear le duine go mbíonn blúiridheacha deisighthe ar a chuid éadaigh nó ná bíonn air ach lom-éadach, "is tu Seán na bPreabán i gceart": aindeiseóir go mbeadh a bhalcaisidhe go léir breacuighthe lé blúiridheachaibh deisighthe. Go saoraidh Dia sinn, imtheóchair nochtuighthe ar fad, níl ort ach na preabáin: ceirteacha: éadach stollta, aindeis. An lá a chidhfir duine imthighthe chun preabán an-dhroch-chómhartha seadh é .i. go mbíonn a chuid stróicthe, pollta.

preabánach: *a.* Leanbhaidhe preabánacha iad, nách iongadh san ge n-a mbochtanacht is neamh-shlachtmhaire a máthar chun láimhe do shíneadh chun deisighthe. Seo chughainn preabánach an tighe: an té is stracuighthe éadach: na bíonn faic air ach na giobail do chaitheann muinntir eile an tighe uatha lé holcas.

preabanta: *a. n-dh.* bríoghmhar, beódha. Is aige atá an choiscéim phreabanta fós d'aindeóin a aoise: shiubhlóchadh sé Éire dhuit: bríoghmhar: éascaidh. D'éirigh sé ina sheasamh go preabanta agus d'fhiafruigh an raibh aon fhear láithreach go raibh sé de mheisneach aige dul chun cómhraic leis: meisneamhail.

preabantacht: *b.3.* bríoghmhaireacht, beódhamhlacht, fearamhlacht. Ní raibh sé de phreabantacht ann éirghe amach mar dhéanfadh fear agus an t-éitheach do thabhairt dóibh: d'fhearamhlacht: de mheisneach. "Pé áit", ars an t-athair leis, "a gheóbhair, bíodh preabantacht fir ionat": déin gníomh fearamhail. Nuair cloistear moladh ar dhuine go mbíonn sponnc ann deirtear, "tá an phreabantacht ann".

preabarnach: (**preabarnghal**) *b.2.* eiteallach, léimreach, corruighe suaidhteach. Tá sé ar phreabarnaigh chughat: fan go bhfaghaidh sé greim ort: ar buile. Táim ag preabarnaigh chun dul ann, nílim leasc in ao'chor: deabhadh an domhain orm. Chuir an deighscéal preabarnach gháiridhe orm: gáiridhe móra go raibh mo chorp ar crith leo. "Mara n-iomcharuighir tu féin", arsa mo pháirtidhe ranga liom cuirfidh an máighistir ag preabarnaigh thu: beidh gach aon léim ó thalamh agat lé scannradh nó ón slait. Cuir uait an phreabarnach sa leabaidh nó neachtreaca fág í: an eiteallach. "Lá breágh aoibhinn grianmhar ag trácht na mara siar dom do chasadh me san Tiaracht i bhfad amach ón dtír mar a raibh mórán des na héanlaithibh ag coimheascar ins an bhféar glas is éiscínidhe ina gcéadtaibh ag preabarnaigh san linn": ag lingeadh: ag léimeadh d'iarraidh beatha. Chuir do bhás, a Mháire, preabarnach ar mo chroidhe: luath-bhualadh: rith air. Cad é an phreabarnach atá ar do chapall ná fanfadh sé socair dhá bhearradh?: léimreach is rúiseacht. Is an t-éinín im ghlaic agam bhrathas a chroidhe ag preabarnaigh: ag bualadh go mear. Is tú fear na preabarnaighe, ní gábhadh ach teangmháil nuair is seo anáirde san aer leat: léimrighe. An oiread san saothair air go gcloisfeá do chroidhe ag preabarnaigh: ag bualadh: ag éirghe is ag tuiteam. Chroitheadh preabarnach na n-inneall an long ó sháil rinn: frith-bhualadh: ar creathadh. Pilib an gheitire ag preabarnaigh ó thor tor: ag síor-léimrigh mar rud ná féadfadh fanamhaint socair. Dhéanfainn ag preabarnaigh é: go fonnmhar, mear.

preabghail: *b.3.* léimeadh, lingeadh, bualadh, ionfartach. Cuir uait an phreabghail sa leabaidh nó amach leat aiste: léimreach: corruighe obann síos suas. Ní túisce chuireadh an cigire a cheann thar doras ná bhíodh an máighistir ag preabghail: lán d'imshníomh ná féadfadh luighe suaimhnis air. Bíonn an iomad preabghala ar an dtochta air chun é bheith ina rámhaidhe mhaith: corradhghail mhear. Lán de cheól, sin é ag preabghail romhainn amach é: ag gluaiseacht go pras, beó. Ná bí ag preabghail anois faid bhead ag leigeant an bhraoin as an othar: ionfairt ghrod. Cuireann tú mo chroidhe ag preabghail nuair chidhim thu id sheasamh chómh fada amach ar scéimh na faille: ag corruighe go mear.

préach: (**préamh**) *b.2.* bun, rúta, an chuid íochtarach de phlannda a bhíos ag fás síos is ag greamughadh sa talamh is ag súghadh oileamhna ón úir; an chuid d'aon rud a ghreamuigheas é de rud is mó; bunadh, túis go dtagann gníomh, aiste etc. as, fotha; pór, geinealach. Lé neart na gaoithe do stracadh an crann as a phréachaibh: as an méid de a bhíos ag fás síos is amach fén dtalamh. Tá préacha mo dhroma stracuighthe as a chéile ag

an ualach so: snáithínidhe: na féithleóga tímcheall air. Staith ó phréach aníos an fiadhaile nó fásfaidh sé airís: gan aon rian dá bhun thíos d'fhágaint ag fás. Táir ameasc do phréach féin anois, ní gábhadh dhuit aon cheal do bheith ort, ní fuláir: do dhaoine féin. Ar a bhfuil den gcinidh tímcheall na háite chuireadar a bpréacha go maith is go doimhin: lonnuigheadar, neaduigheadar ann, is mhéaduigheadar. Sin capall ná fuil glan-choillte, tá préacha éigin fágtha aige: cuid des na sreangaibh a bhí ag ceangal na gcloch. É do sheachaint is fearr indiu, tá sé ag baint préach (as talamh): mar bheadh tarbh buile ag taighdeadh lé n-a adharcaibh is ag scríobadh lé n-a chrúbaibh tosaigh. Ná bí ag baint préach chugham-sa mar ná fuil aon chúis agat orm: ar dearg-bhuile. Tá an lá ag cur préach: ag dul ar bun: ag bailiughadh chun droch-aimsire do dhéanamh. Tá na prátaidhe ag cur phréach uatha: sreanga fada 'on talamh chun oileamhna do shúghadh. Tógadh as mo phréachaibh me: dem ghreamughadh ar an dtalamh. Gearrtar na préacha aige: coillteár é: déintear uanach de nó coillteán. Ag baint phréach ag lorg a bhróg: ag cuardach is ag cur tharais gan nath aige cad imtheóchadh ar aonnidh a láimhseálfadh sé.

préach!: *intriath.* fóill! stad! Sid é an focal a deirtear le capall, asal, ráineach, corr-each: "hath amach!" leo chun gluaiste.

préac: *b.2.* craodó. B'fhearr liom bheith ar mo phréic ná dul ag iascach nuair ná bíonn luach air: díomhaoin glan. Ar a phréic a chaitheann an stráille sin a shaoghal: ar a chraodó: díomhaoin scurtha. Is fada an leanbh san imthighthe ar a phréic do féin agus a rian air is é an féile-bhleaigeárd é: gan smacht gan eagla a mhuinntire. Furmhór mo shaoghail bím ar mo phréic, gan cíos, cás ná cathughadh orm: im mháighistir orm féin.

préachadh: *f.* (*-chta*) ag fagháil bháis le hocras, tart nó fuacht etc. Ná beadh a fhios ag amadánaibh an domhain go bhfuilir ghod phréachadh féin leis an ndroich-bhiadh san: ghod mhilleadh féin. Táim ag préachadh annso fén sín ar droich-éadach: dom leathadh leis an bhfuacht.

préachadh: *f.1.* (*-ctha*) do ghabháil préach: do dhul ar bun (aimsir). Déanfaidh sí droch-oidhche, is baoghalach, tá sé ag préachadh thiar orm: san iarthar tá sé ag bunughadh: droch-chuma ag teacht air. Beidh toradh, maith nó olc, ann tá an síol ag préachadh go maith: ag cur amach, is sreanganna ag fás as 'sag greamughadh san ithir. Dhein do shínsear préachadh maith sa cheanntar ar a bhfuil d'bhur gcinidh san áit: síolbhughadh is leathanughadh.

préachaim: *b.a. 7 n-a.* leathaim, éagaim. Ní mór ná gur préachadh me suidhte ar mo thóin ar thochta fhuar ar feadh oidhche gheimhridh, me ar dearg-chreathadh ó bhathas go bonn: nár thug an droich-shín an t-éag dom. Préachfair me mara dtugair mo chasóg mhór dom le cur orm: leathfair me: gheóbhaidh an fuacht tríom mar gheall ort.

préachán: (**príochán**) *f.1.* éan dubh go mbíonn glór garg aige. "Cad é an gaol atá agat leis?" – "tá, mhuis, gaol gallda ó ghabhal príocháin" (searbhas): gaol ar bith. Lé rud ná cuirtear crích ná áird air deirtear, "fágadh ges na príocháin é" .i. gan folach, gan fascadh. "Cé dubhairt leat é?" – "préachán dubh éigin": duine éigin ná hainmeócham. Tamall, is ní fada ó shoin é, bhíodh pobal mór ag dul 'on teampall san, anois tá sé ina thigh préacháin

.i. sin uile a shealbhuigheas é .i. cómhartha ceart é do bheith ar lár. Má leanair ar bheith déidheannach mar seo ag obair ní fada ná go mbeir id phréachán tráthnóna .i. ag obair go dubh oidhche: lé doircheacht a fhilleann an préachán chun suain. "Airneán an phréacháin bhunaigh". "Géadhanna a chuid préachán": ró-mhaoidheamh ag duine as aon rud is leis nó a ghaolta is a dhaoine muinnteartha. Níl aon rinnce aige ach rinnce na bpréachán!: pocléimreach beag: rinnce gan mhaith. Fág an áit uaim, a phríocháin!: a dhuine gan tairbhe. Préachán cois-dearg: éan dubhghorm go ngob is cosa dearga, is sciatháin scagacha air a lonnuigheas cois na mara. Maireann ar phiastaidhibh talmhan. Nílid lé fagháil ach i bhfo-áit anois. Préachán an chaca: saghas cánóige báidhteach, bán, ceann téagartha, sciatháin fhada, earball gearra, deirtear go sloigeann salachar na faoilinne. Ní liom a rádh leat ná fuil sa chailín chéadna ach préachán: cailín árd, gránda. Tá an cogadh so ag baint fo-phríocháin as na daoinibh móra: ghá dtreascairt.

préachta: *a.r.* leachta. Bheifeá préachta ó bheith id sheasamh fén leóithne fuar san gan culaithirt mhaith: an t-éag dulta isteach id chroidhe ag an bhfuacht. "Spallta leis an dtart, sciuguighthe leis an ocras is préachta leis an bhfuacht".

préamh: *b.2.* préach, rúta. Stathadh a raibh d'fhiaclaibh ina cheann ón bpréamh!: as an áit go raibh túis fásta aca. Créid an scéal so, ó phréimh seadh é: ní scéal scéil é: tá bunadhas ceart leis. Sin é an phréamh is fearr agam ná scaradh éinne liom: an té is fearr chun claoidhe leis mar atá ag an gcrann is na préamha. Ní buidhe ón ngréin atá sé ach buidhe ó phréimh: mar sin is dual do do bheith. Cuireadh chun báis a raibh ann aca idir phréimh is ghéig: uile go léir. Tá préamh an scéil amudha air: a fhíor-thúis: an chuid is tábhachtaighe de. An t-ólachán préamh mórán olc: is as do thagaid. Tá préamh an scéil anois agat: an fáth bunaidh. Máchail ar phréimh a theangan maran b'é an suainseánaidhe é: a bun thiar go gcrapaidh aige. Préamh carraige: féar righin cnuic. Faobhar na haithrighe le préimh an uilc: an peaca do chúiteamh. "Ní daingneófar duine lé hurchóid; acht ní hathrófar préamh an fhíréin" (Seanráidhte XII. 3). "Ná bíodh uaill ort in aghaidh na ngéag. Ach má bhíonn uaill ort ní tusa a iomcharóchas an phréamh ach an phréamh thusa" (Rómhánaigh XI. 18). Ghoinis me, chuiris súd (focal, etc.) go préimh ionam: go beó. Thug sé a raibh ann ó phréimh amach: a raibh ar fad de neart ann. Seadh, níor bhfeárrde iad an díoghbháil do dheineadar ní dheaghadar riamh chun préimhe san áit: mar shliocht níor ghreamuigheadar ann. Ní fhéadfadh sé gan mianach do bheith ann den bpréimh cheart seadh é: den sliocht cheart: pór. Ní bheidh aon doicheall san áit seo rómhainn, tá préamha linn fós ann: glúine dár ndaoine: sliocht an tseandreama.

préamhuighim: *b.a. 7 n-a.* daingnighim in úir (fás); bunuighim go daingean; téighim ar bun (aimsir). Préamhóchaidh an fiadhaile go ndéanfaidh an mío-ádh mara scriostar é: leathanóchaidh: méadóchaidh. Budh bheag an rath a bhí ortha, tosach na breithe ag Dia, níor phréamhuigheadar san áit, dá mhéid an réim a bhí fútha: ní dheaghaidh breis ar a sliocht. Préamhóchair as an méid sin airgid má chuirir i gceart é: tiocfaidh bun ort. An bpréamhóchaidh an lá indiu, an dóigh leat?: an dtiocfaidh sé den droich-shíne. Préamhóchaidh an chneadh: tiocfaidh sí chun othair.

préamhughadh: *f.* (*-uighthe*) daingniughadh in úir, méadughadh, dul in olcas (aimsir). Aith-phréamhughadh na Gaedhealainge an cás is cruaidhe orainn: a haith-bheódhachtaint.

Budh mhaith an chabhair préamhuighthe san áit dhoilbhir tighearnaidhe talmhan do bheith leo: greamughadh is leathanughadh. B'fhearr caladh do bhaint amach tá an oidhche ag préamhughadh: ag dul in olcas. Ag préamhughadh chugham do bhí sé: breis uilc ag teacht air chugham.

préamhuighthe: *a.r.* daingnighthe, méaduighthe, leathanuighthe. An crann préamhuighthe: greim i dtalamh aige. An lá (an chneadh etc.) préamhuighthe: dulta in olcas. An cinidh préamhuighthe: leathanuighthe.

preas: *f.3.* pléata, roc. Thabharfá fé ndeara na preasa ag teacht i gclár-éadan cheana féin aige: ruic. Níor mhór dod chasóig an t-iarann do chur uirthi, tá sí lán de phreasaibh, cár shínis innte?: ruic: í tútach. Bain amach na preasa.

preasach: *a.* rocach, rágach. Éadan preasach: go mbeadh riastaidhe ann. Iarann preasach mar cheann ar tigh. Clocha preasacha: go mbeadh an mangarla cruinnighthe ar a chéile mar bheadh tar éis teacht as an sáile. A chuid éadaigh preasach ó bheith sínte ann amuigh i rith na hoidhche: é lán de rocaibh.

preasáil: *b.3.* buannaidheacht éigne chun fóghnamh an stáit san arm nó sa chabhlach. Aimsir na preasála dob eadh é, tógadh triúr as bád iascaigh lá annso díreach. I ndeireadh na scríbe is dócha go mbeidh preasáil ag an riaghaltas: go gcuirfidh iachall ar dhaoinibh luighe leis an arm. Deineadh me do phreasáil: do thógaint dem aindeóin. Ná bí ag preasáil dighe orm, tá mo dhóthain agam: dhá tafant orm.

préaslach: (**spéasrach**) *b.2.* aon rud sáidhte i mbéal duine nó ghá chlúdach chun a chongbhála ina thost; a leithéid ar ainmhidhe chun a chosctha ar bheith ag deól a mháthar. Dá mbeadh préaslach ionat-sa dob fhearrde an parróiste is tú féin é: suainseánaidhe ná téigheann lag air ach ag cainnt bun os cionn. Cuir préaslach ionat féin: bí id thost: cuir srian leat féin. Préaslach i mionán gabhair: blúire chipín ceangailte ina bhéal. Préaslach ar shearrach (gamhain): pusachán ná leigfeadh do na sinidhe do dheól. Ní préaslach atá ionat, ná labharfá?: ní craptha atá do theanga. Corr-each chómh malluighthe sin dob eadh í nár mhór préaslach do chur léi faid bítí ag cur na gcruidhte fúithe: groin.

preiceall: *b.2.* sprochall, meill, sprogaille, an seithe crochta fé bhun muiníl daimh etc.; aith-smeigeall. Chómh mortluighthe sin go bhfuil preiceall air mar bheadh ar bhuin: aith-smeigeall air. Amadán na preicille: ceann corónta aca. Rugas ar phreicill air, agus bhagras air mara dtabharfadh mo chuid airgid dom gurb é a thachtadh do dhéanfainn: ar mhuineál, scrogall: dhiúich. Ná loirg faic choidhche air, tá preiceall an doichill ghá leanamhaint: cuma choimhtheach, neamhfhial. Níor bh'fhada dhóibh san aighneas go ndeaghadar i bpreicill a chéile: go rugadar ar mhuineál chun a chéile do thachtadh.

preicleach: *a.* go sprochall. Ainmhidhe preicleach: trom i bhfeóil. M'amadán preicleach ina sheasamh annsan 'sa lámha ina phócaidhibh aige: déanta.

preicleachán: *f.1.* duine go mbíonn, aith-smeigín air; duine crosta. Aon fhocal ní thuigim uaidh, an preicleachán balbh: beathuighthe, feólmhar tímcheall bhun na gcorrán. Focal mín ná cneasta ní bhfaghfá ón bpreicleachán san, bíonn smailc air: pusachán, rud do-thuigseanta.

préith: *b.2.* duine nó rud árd-luachmhar. Is tú an phréith agam chun na háite d'fhágaint uait!: duine mór-thábhachta. Nách mór an phréith é 'e bhreis ar éinne eile, go bhfaghadh sé feóil: mór an nidh is fiú é. Níor mhór an phréith riamh é, geallaim dhuit ná goillfidh a dhochar orainn: níor mhór lé rádh. B'olc an t-aonach é, chonnac préith capaill dhá dhíol ar shaor-mhargadh: árd-chapall: ceann caithiseach. Préith don ndúthaigh dob eadh é dá dtugadh sé aire dho féin: órnáid: duine gurb fhiú maoidheamh as. Tá an phréith fuaduighthe: an réilteann. Ó, ambaiste, cuir uait, ní mar sin in ao'chor é, siúd í préith an pharróiste: áilne: an té is tábhachtaighe. Ní haon phréith mar sin chun bheith ag lorg oiread airgid air: ní ainmhidhe go n-éireófá ist oidhche chun a shuimighthe.

preit: *intriath.* Preit phreit a dhuine chóir!: mo náire an rud atá déanta nó ráidhte.

priacail: *b.2.* (**priacal**) baoghal, conntabhairt, gábhadh, guais. Ar do phriacail ná corruigh: ar bhaoghal do mharbhtha nó do ghoirtighthe. Nuair bheir i bpriacail an bháis beidh malairt ceóil agat, ní bheir chómh bladhmanach: i gconntabhairt bháis. I bpéin i bpriacail thugadar fé is d'éirigh leó: i gconntabhairt a mbeatha. Dá mbeadh aon phriacail ort, ach níl, moladh le Dia, mise a raghadh chun t'fhuascaltha: conntabhairt mhór.

priaclach: *a.* conntabharthach, baoghalach, buadhartha, tinn, tinneasach. Cos phriaclach agam an dteastóchadh sí uait!: tinneasach. Uain ró-phriaclach dob eadh í chun beag is fiú do dhéanamh di, gaoth is farraige d'ár stealladh: ró-ghuaiseach. Go bhfóiridh Dia ar an bpeacach anacrach, is é ná cuimhnigheann ar uair phriaclaigh an bháis: uathbhásach, scannruightheach. Is priaclaighe go mór mo shúil indiu, tá a dhá oiread péine innte: is tinneasaighe. Bheadh clann chomh neamh-phriaclach ag an mnaoi sin is bheadh uibhe ag circ!: aon duadh ní bhfaghadh uatha.

pribhléid: *b.2.* ceart, buntáiste, tairbhe, etc. fé leith speisialta; tairbhe nó maith speisialta pearsanta; leath-chuma nó brabúch a bhíos ag dul d'aicme áirighthe dréir a gcéime, do chléir, bhreitheamhnaibh, etc.; saordhul ó cháin nó ó dhualgas coitcheann. Pribhléid ag an sagart sinn d'imdheargadh i dtaobh ár mí-iomchair: ceart a hadmhuightear ó gach taobh. Pribhléid ag an aois cómhairle do thabhairt uaithi: glactar go coitcheann leis mar dhlighe. Pribhléid mhór agam do charadas, ní hé gach éinne go bhfuil sé aige: comaoin fé leith. Tá sé de phribhléid agam agus san de mheas agam orm féin gur urra de Phoblacht na hÉireann me: ceart a thugas ár mbun-reacht dom. Is pribhléid leis sin mise do labhairt leis: comaoin mhór air, dar leis. Tá sé de phribhléid ag airidhibh an riaghaltais gan cáin teacht isteach do dhíol: tugtar san de cheart-thairbhe. Pribhléid seadh bheith id chuideachtain: cuireann sé comaoin ar dhuine. Dar leis gur cheart do pribhléididhe an domhain do bheith san tigh seo aige: rudaidhe d'éileamh is d'fhagháil ná féadfadh neach eile.

pribhléideach: *a.* pribhléididhe do bheith (ag). Duine pribhléideach é sin gur féidir leis teacht is imtheacht mar is mian leis agus uair is mian leis: é sin fachta mar cheart aige. An cómhrádh a bheadh idir dhochtúir agus othar idir dhligheadóir agus cliant .i. ná bíonn d'iachall ortha a nochtadh i bhfínéacht os chómhair na dlighe. Daoine pribhléideacha iad san, féach mar leigtear isteach romhainne iad: go dtugtar an onóir sin dóibh. Gheóbhadh sé rud roim éinne eile, fear pribhléideach.

prínseabáil: *b.3.* deimhnightheacht, cruinneas. Chualaís é, seadh, ach sin eile a bhfuil de phrínseabáil agat air, an bhféadfá é do dhearbhughadh?: níl aon dearbhacht agat. An féidir leat prínseabáil do dhéanamh de n-a bhfuil ráidhte aige seo?: a dheimhniughadh gur fírinne é. Chómhairigh sé cheana iad agus cómhaireóchaidh airís iad, cá ngeóbhadh an phrínseabáil?: cruinneas an duine. Tar éis na prínseabála go léir do dhearmhad sé a chuid mion-airgid ar an gconntabhairt: an deimhnightheacht go léir dá ghnóth. An bhfuil prínseabáil ar an gcleamhnas so, nó an ráfla é?: an bhfuiltear deimhnightheach go dtiocfaidh.

prínseabálta: *a. n-dh.* príomh, árd-, meastamhail, dian, dorrdha, tráthamhail, beacht, deimhnightheach, cinnte. Creidim é, dubhairt fear prínseabálta liom é, ná faightear aon éitheach ina dhiaidh: cinnte, fuaimeantamhail. Ná bí ag baint mo mhionn díom ina thaobh, bead ann go prínseabálta: gan aon amhras ar domhan. Go prínseabálta dhuit táim ag innsint na fírinne: ar mh'anam is ar mo leabhar. Tabhair do theachtaireacht d'fhear phrínseabálta más maith leat í do dhéanamh i gceart duit: d'fhear gur féidir seasamh air. Bíonn sé prínseabálta dá chúram sara scuireann de: deimhnightheach go mbíonn gach rud i gceart. Duine ró-phrínseábalta do gharsún óg é chun dulta chun cainnte leis: dorrdha, coimhtheach. "Is prínseabálta an ceann aca é", deirtear le feille-bhleaigeárd, duine docht, do-chorruighthe, nó a bhíos ar aiste éigin nách taithneamhach. Is prínseabálta an scéal atá agat: ceann nách féidir do bhréagnughadh. Sara n-aistrighir aon scéal tromdhálach bí deimhnightheach de é do bheith prínseabálta: go fírinneach ó phréimh. Nách prínseabálta an duine anois thu, dar leat, go dtabharfadh gach éinne tor ort: deimhnightheach, cinnte den uile rud.

prínseabáltacht: *b.3.* deimhnightheacht, dearbhthacht, cinnteacht, beachtacht, cruinneacht, bunadhas. Lé prínseabáltacht an fhir, dar liom, chreidfinn aon rud uaidh: lé n-a ughdarásaidheacht is a dheimhnightheacht. Ní raibh amhras ag neach ar prínseabáltacht na mná a dhein: aithne: b'eól don saoghal é. Aon rud ní scaoilfeadh sé as a lámhaibh gan é cheart, dar leis, an oiread san prínseabáltachta ag baint leis: meastamhlacht as a dhearbhthacht. Dhóghadh sé an croidhe ionat bheith ag obair do, prínseabáltacht ar fad: beachtacht, cruinneacht dhá chur ina luighe ort an uile uain den ló. Go bhfuair sé an leitir, tá an phrínseabáltacht im phóca agam – freagra: deimhnightheacht.

príntíseach: *f.1. b.2.* duine a bhíos ag foghluim céirde agus a bhíos fé choingheallachaibh (go dtugtar díntiúiridhe ortha) a fheadhmanaidhe oibriughadh dho ar feadh áirighthe aimsire i gcoinnibh teagaisc. Is fada ina phríntíseach ag an ndiabhal é .i. é ag déanamh gnóth an diabhail díreach mar shásóchadh eisean.

príntís: *f. n-dh.* an feadhmanas do thugann príntíseach. “Ní fada bhís léd phríntís” deirtear lé duine ná deineann rud go maith nó, “caithfir dul léd phríntís airís (tamall eile)”. Téighir lé príntís: foghlumuigh ceárd.

príntíseacht: *b.3.* aiste príntís; feadhmanas príntís nó an tréimhse a chaitheann sé. Dá dtabharfá do phríntíseacht lé saoirseacht mar thugas-sa bheadh a fhios agat connus falla do thógaint. An rud atá ar eólas aige seo – bleáigeárdaidheacht – níor theastuigh aon phríntíseacht uaidh: togha na haithne aige uirthi.

príobháid: *b.2.* rún, seicréid, folachas. Ní haon díoghbháil é d’innsint, ní haon phríobháid anois é: rún. Dá n-innseadh sé é is iomdha rud i bpríobháid a chroidhe aige: i nganfhios d’éinne ar a chroidhe. Do phríobháid agam uait ar an nidh chómh deiscréideach leis: dílseacht do rúin do choimeád. Raghad i leath-taoibh i bpríobháid go fóill: in áit ná beidh amharc na ndaoine orm. Cuir an glas ar an ndoras is beam i bpríobháid linn féin: in aonaracht.

príobháideach: *a.* rúnda, foluighthe, seicréideach; rún-chosantach, iontaoibheach. Sin é mo ghnóth príobháideach féin agus leigeadh gach éinne dho: a bhaineas liom-sa agus liom-sa amháin. Slighe phríobháideach laistiar chun an tighe: ná fuil de phríbhléid ag an gcoitchiantacht gabháil ann. Ná tagadh aon anamhóin ort go n-inneósfad-sa cad do chonnac agat dhá dhéanamh, táim níos príobháidighe ’ná san: níos cluthara rún do choimeád: níos ion-mhuinghinighe. Dubhairt duine príobháideach liom gurbh fhíor é: duine iontaoibheach.

priocadh: *f.* (*-ctha*) do ghríosadh, do chealgadh, do phéacadh lé rud géar; miotóg do bhaint as. Ná bí ag priocadh ar an gcailín sin: ag suirgheacht léi. Bítear ag priocadh orm ag baile, gheibhid cúis éigin i gcómhnaidhe orm: ghom chlipeadh. Ag priocadh is ag giobadh ar a chéile gach tráth dá saoghal: ag fagháil lochta is ag ciapadh a chéile. Sí an bheach atá ghá phriocadh má chuireann sé aon mhairg orm-sa mar beidh a anam agam: an diabhal féin atá ina phrompa: tá droch-rud éigin ghá chur ar a aimhleas. Leig do ar a shuaimhneas, seadh is mó agus is fearr do dhéanfaidh sé, gan bheith ag síor-phriocadh air: ag cur isteach air is ghá luathughadh. Bí ag priocadh fén gcorcán, tá an diabhal d’ocras orm: ag mothallughadh na teineadh fé. Ná bí ag priocadh as in ao’chor, tóg iad mar tagaid: ag togha do mheón. Is mithid dúinn do bheith ag priocadh as so, níl aon deagh-fhuadar fén gcuallacht úd: ag bailiughadh linn go haireach. Dá mbeadh priocadh nó dhó eile fachta ag Lonndain b’fhéidir ná beadh Sasana istigh léi féin: ionnsaidhe géar. Ag priocadh fé phort na habhann chun breac do ruagadh: ag sáthadh lé slait nó bata is ag cuardach. Is beag an priocadh fé a iarrfadh súd chun feirge do chur air: spriogadh. Bí ag priocadh leat anois faid bheir glan: ag cur díot. Ag priocadh phrátaidhe den ithir: ghá mbailiughadh. An rud salach, ag priocadh mhíol do thugann sé a shaoghal: ghá mbaint dá chuid éadaigh é n-a mhéireanntaibh. “Cad dhéanfad anois?” “téighir ag priocadh míol” (tarcuisne). Airgead lé priocadh seadh é: an-bhog lé tuilleamh. Ag priocadh na bhfear: ghá dtoghadh. Bhrathas an breac ghom phriocadh, thugas stathadh is chuaidh an t-iarann ann: snap beag leis na fiaclaibh. Cuir uait na bóithre, tá droch-rud éigin ghod phriocadh: ag cur fút: ghod ghríosadh chun nidh do dhéanamh nách maith dhuit. Tabhair priocadh don asal sa rúmpa, tabhair sáthadh dho lé rud éigin géar – biorán, barra scine, etc. Sin

priocadh maith anois agat, b'fhéidir go n-éisteófá: léasadh den dteangain. Ná bí ag priocadh ar an mbiadh, ith é: ag blaistínteacht: mar bheadh éan lé n-a ghob.

priocadghail: *b.3.* griogadh, fonmhóid fé, gríosadh; mion-itheadh; mion-bhailiúchán; snapadghail éadtrom; teangmháil bheag. Bíonn rudaidhe beaga na scoile ag priocadghail air, is bainid a chiall de: ag giobaireacht air: ghá chiapadh. Cad í an phriocadghail atá agat orm?: ag tabhairt sáidhte beaga dochta dhom nó ag baint miotóg asam chun aghaidh mo chaoraidheachta do thabhairt ort nó chun mo chiaptha. Tá priocadghail mhaith (fhéir) ar an ngort san fós ag buin: greamatghail mhaith lé n-itheadh. Tá saghas éigin bric ag priocadghail ar mo bhaoite-se, ach níl aon dul suas air: ag tabhairt snap beag lag air, ach ná téigheann greamuighthe sa dubhán. Á, mhuise, níl anois ionam, agus is ró-mhithid é, ach priocadghail oibre: gíotáil éadtrom ar mo shuaimhneas. Ní fada ná go mbeidh an barránach so ag priocadghail ar chailínibh óga: tímcheall ortha mar bheadh breac ar bhaoite. Ní maith an cómhartha sláinte air gur ag priocadghail ar an mbiadh bhíonn sé: ag baint mion-ghreamanna as mar bheadh éan. Bí ag priocadghail leat anois nó beidh an oidhche agat: ag tiargabháil chun bóthair. Beir ag priocadghail orm go mbuaileadh thu: ghom ghiobadh. Cneadh gharg ar chuiripe an asail ó bheith ag priocadghail air: ghá dhingeadh lé rud géar éigin. Ná bítear ag priocadghail ar an sean-aois: fonmhóid.

priocaim: *b.a. 7 n-a.* ropaim, sáthaim, dingim, gríosaim, ciapaim, griogaim, snapaim. Phriocas liom an capall go tapaidh ar eagla na doircheachta: thiomáineas liom: bhrostuigheas. Prioc leat as mo radharc adeirm leat: bailbh leat go mear. Phriocas liom uatha é ar eagla go ndéanfaidís díth dho: luathuigheas: bhailigheas liom é. Phriocfadh san uait ar chártaidhibh a mbeadh d'airgead san tsaoghal agat: bhuadhfadh mar seo nó mar siúd. "Prioc-sa gé is priocfad-sa gé" ars an t-atúrnae leis an atúrnae eile: lom-sa t'fhear is lomfad-sa m'fhear féin! Priocadh orm-sa teacht chun cainnte leat: toghadh me, spriocadh orm. Tá ag éirghe leis go maith anois go bpriocfaidh an diabhal é rud éigin do dhéanamh as an slighe: go ngríosfaidh. Prioc fén gciotal san: socruigh an teine fé, go mbeidh breis teasa aice. Ní fheadar cad a phrioc me is teacht san pholl so: cad a chuir fúm: a chuir de chuimhneamh ionam. Phriocfá ina fhear galánta é ar an dream go bhfeicfeá é: thoghfá amach é. Priocfaidh an bheach é ná fanfaidh sé socair: cuirfidh rud éigin cealg an mhí-iomchair ann. Priocadh deich n-uaire mo bhaoite sar ar chuaidh an breac suas: tugadh snap air. Ní holc an coileán do féin é, priocann an chuid is fearr chuige féin: toghann: baineann rogha asta. Prioc ort!: dein deifir. Prioc é, féach cad dhéanfaidh sé: teangmháil leis go grod lé rud éigin go mbeidh barra géar air. Phrioc sé me is me im chodladh, níor fhág sé luid agam: choill sé mo phocaidhe. Priocadh an baile de phlúr indiu: tógadh furmhór a raibh ann nó é go léir.

priocaire: *f.4.* duine nó rud a phriocas nó a thugas priocadh uaidh; suarachán; úirlis go mbeadh an béal cumhanguighthe, caithte innte 'sí géar as a barr dá réir; eadránaidhe. Tabhair dhom an priocaire scine sin agat go gcuiread gal sa phíp: scian chaithte go mbarra beag caol. Féach an priocaire ráinne a tugtar dom! cad rómharfainn léi sin?: meilit gan uirthi ach barra caol. Priocaire beag éigin thíos annso: éiscín atá ag snapadghail ar mo bhaoite. Dá mbeadh priocaire agat a bhainfeadh siubhal as an asal dúr san: aon rud go mbeadh géar as a bharra: bior. Priocairidhe maithe prátaidhe (ubhall, etc.): lucht a mbailighthe den ithir. A phriocaire, ná híosfá do chuid bídh is gan bheith ar nós an éin

leis: creimire: manntálaidhe beag. Is beag an dearmhad é sin agus ní raghadh a oiread uait, a phriocaire: duine claon lé locht d'fhagháil.

priocaireacht: *b.3.* ropadh, dingeadh, snapadghail, do bhaint miotóg (as); ciapadh, fonmhóid. Má bhír ag priocaireacht ar m'inghin cuirfead fuacht an tighe ort: ag suirgheacht go neamh-chneasta léi: ghá giobadh léd mhéireanntaibh. Aithnighim go raibh buachaill breágh éigin ag priocaireacht ar an mballóig mhilis seo: ag baint blúiridheacha aiste. Cad air go dtugair obair? níl innte ach priocaireacht: teangmháil gan éifeacht. Ná bí ag priocaireacht ar an méir thinn sin nó préamhóchaidh sí: ag giobadh uirthi lé snáthaid, lé haon rud géar. Ó chor go cor (éisc) bhíomair ag priocaireacht linn gur bhaineamair míle as: ag breith ar ádhbhar anois agus ádhbhar airís. Ag priocaireacht leis an ól: ag baint braoin as.

príomh-: *i gcfhbh.* céad, an ceann túis, mór, árd. Is é príomh-aire na dúthaighe é: an té is aoirde ar árd-chómhairle an riaghaltais. Ní aithne atá agam air ach príomh-aithne: togha na haithne. Príomh-ádhbhar na bochtanachta is é an droich-riaghaltas is ní hé an talamh: an t-adhbhar bunaidh. Is deacair a dhéanamh amach cé an aicme a rinne príomh-áitreabh ar an ndúthaigh seo: an chéad lonnughadh innte. Adam ár bpríomh-athair agus Éabha ár bpríomh-mháthair: ár gcéad sinsir. Is iomdha áit go bhfuil tigh aca ach annso in Éirinn atá a bpríomh-árus: an tigh is mó go gcaithid dá n-aimsir. An dá phríomh-aithne, grádh Dé is grádh na cómharsan: an dá cheann is tábhachtaighe. Ceann dár bpríomh-achtaibh gurb í an Ghaedhealaing teanga cheart, dhleaghthach na dúthaighe: achtanna tábhachtacha. B'é a bpríomh-aigne an t-acht san do rith agus an choir áirighthe sin do chosc: an rud is mó a bhí ina n-aigne. Bídis go léir ag cainnt faid is maith leó, ach is é Tomás príomh-aighneastóir an cheanntair seo: an cainnteóir is fearr go mór is go fada. Is nimhneach príomh-ailt an pháipéir sin in aghaidh na Gaedhilge: ailt i bpáipéaraibh nuadhachta i dtaobh poilitidheachta, etc., a chuireas duanghaois an pháipéir in iúil. Ná bac fanacht leis an bpríomh-aithrighe: an aithrighe dhéidheannach. Sé príomh-bhaile an chonntae é, is é is mó líon daoine, is mó gnóth, etc.: tábhachtaighe. Sheachain agus shéan sé na príomh-bhealaigh d'fhonn is ná tabharfadh éinne a chómhartha uaidh óir go raibh an lucht ceannais ar a thóir: na bóithre rianta. Mo chlann do chothughadh mo phríomh-bhráca: an strus is an t-anródh is mó agus is tromdhálaighe orm. Gan aon áidhbhéis is í príomh-bhean an cheanntair í – bíonn baint aice lé gach rud tairbheach dos na daoinibh: is tábhachtaighe agus is maitheasaighe. Ár bpríomh-bheart dul agus fearas ceart do sholáthar sara gcuiream chun aon tsaghas iascaigh do dhéanamh: an rud is mó atá ag teastáil uainn. Is deacair rogha ná dígh do bhaint asta ach gur dóigh liom gurb é Séamas an príomh-bhuachaill: an té is measa aca. Áth Cliath príomh-chathair na hÉireann: is mó, is tábhachtaighe ar gach slighe. D'ainmigh an dochtúir príomh-chómharthaidhthe na haicíde: na comhartaidhthe is léire agus is gnáthaighe. Príomh-cháil an ghuail seo a theas go léir: an cháilidheacht is mó agus is fearr air. Cuireadh mar príomh-choingheall orm pé rud a dhéanfainn nó ná déanfainn, bheith tráthamhail: tráthamhlacht mar sin an mhairg budh mhó agam. Príomh-choingheall an tsosa cogaidh na saighdiúiridhe do ghéilleadh a gcuid airm: san roim aon rud eile ach go háirighthe. Gadaidheacht a phríomh-cheárd ar feadh tréimhse fada: an rud is mó go raibh a aigne is a éirim air. An phríomh-chúis atá ar an mbráighe go mbaineann sé lé cumann neamh-dhleaghthach: an chúis go leanann breis mhilleáin í. Sid é príomh-chearrbhach an bhúird, sé teist gach éinne air gur beag a rug ar

lámh chártaidhe ná go bhfuil sé chómh cliste leis: an cearrbhach is aoirde cáil. Dhá phríomh-chárta ar fad a bhí agam, Aon is Rí: árd-chártaidhe luachmhara. Príomh-chúrsa ráis na hÉireann Currach Chill Dara: an ceann atá i bhfad os cionn na coda eile maidir lé cáil is feabhas. Ní trí phríomh-dhoras an tighe mhóir do cuirtí an biadh ach trí chúl-dhoras: an doras b'árd-chéime: is mó go raibh meas air. Ní mór ná go bhfuil príomh-dhúnta na Rúise tuitighthe leis an nGearmáin: budh mhó tábhacht is budh dhaingne. Binn Seandraoi a tugtar ar an mbinn sin, is ann dréir seanachais a bhíodh príomh-dhraoi an cheanntair ag lonnughadh: budh mhó cáil is meas. Dá bhfaghthá buille dem phríomh-dhorn mhóthófá é: an dorn iongtach so agam-sa. Príomh-dhlighe an duine maireachtaint faid agus is féidir leis: an t-aon rud is mó agus is tromaidhe ina dhúthchas. Tusa ár bpríomh-dhóchas, is má theipir orainn, tá thiar orainn: an té is mó go bhfuil muinghin againn as chun gnímh. Príomh-dhán an leabhair, dar leis an máighistir, dob í "Go Saoraidh Dia an Rí", agus chuireadh iachall orainn a fhoghluim don gcigire: budh thábhachtaighe is budh mhó lé rádh. Ní mór ná go raibh blas lobhtha air, príomh-dhríodar an tsoithigh do fuaireas uaidh: an chuid dob íochtaraighe: an mhoirt throm. Príomh-eacha dob eadh seacht n-eacha Phiarais: eacha iongtacha ráis. Má bhíonn ádhbhar gannchair féin orainn in Éirinn i rith chogaidh buidheachas lé Dia ná beidh príomh-easbaidh orainn: ceal trom. Bíonn príomh-eochair ar iomchar aige a osclóchadh aon tseómra sa tigh ósta: eochair déanta speisialta. An iomad príomh-easnamh orm chun dul i gcomórtas lé duine go bhfuil gach nidh ar a chur aige: mór-chuid rud nách féidir déanamh gan iad. Ní hiad na corr-easnaidhe ach na príomh-easnaidheacha do briseadh ionam: na cinn mhóra, uachtaracha. Is cuma dhuit cad déarfaidh éinne ina choinnibh príomh-earra lé n-itheadh seadh an práta: biadh i bhfad níos fearr ná biadhanna eile. Dia go deó linn tá príomh-easbhaidh ortha ag dul a chodladh ina dtroscadh go minic má tá sé ar éinne: ceal trom. B'iad so na príomh-fháidhidhe – Iosaih, Ioróim, Easaecil agus Dainiail – óir is iad is mó a scrígh a gcuid fáidheóireachta. Des na príomh-fhilidhibh dob eadh Piaras Firitéar: ar an gcuid aca is mó a thuilleas clú. Na príomh-fhínidhthe a bhí agam, gur cheapas gur cos ón aer gach duine, is amhlaidh d'iompuigh na halfraitsidhe im choinnibh: budh thábhachtaighe. Budh thu a phríomh-fhiafraighe agus go deimhin féin is tu gach uair do bhuailim leis: an chéad duine go gcuireann sé a thuairisc. Príomh-fháth go bhfuil airgead aige, gur beag do chaith sé dhe: an réasún is mó. Níl aon chall lé n-a mholadh, sé an príomh-fhear é: an té is fearr ar an áireamh. Cad eile a dhéanfadh sé ach beart ghalánta, den bpríomh-fhuil seadh é: den gcuid is fearr di. Mo phríomh-ghnóth aire do thabhairt dom féin: roim aon rud eile. An bannc atá annsan is é príomh-ghnáthóg leathóg é: an áit is mó go lonnuighid. Sé an mac so ár bpríomh-ghein: an té is sine dár gclainn. Sid í an phríomh-iarracht anois agus mara n-éirigheann linn tá buaidhte orainn: an árd-iarracht. Ceann de phríomh-iongtaisidhibh an túr mór a sheasuigheas leis na ciantaibh agus é ar leath-cheann: na hiongtaisidhibh móra ar fad. B'é príomh-inntin a bhí agam ná gan labhairt in ao'chor leat ar an olc a bhí agam chughat: an chéad inntin: an rud a bhí ar m'aigne i dtúis. An príomh-ghábhtar a bhí agam le hairgead a ghríos me chun gadaidheachta: gábhtar mór. Príomh-ghaiscidheach na dórnála dob é é: an dornálaidhe a b'fhearr díobh uile go léir. Cá bhfaghfá fear is príomh-ghalánta 'ná é: galánta glan amach 'samach. Príomh-gheall airgid aon lá feirm mhaith talmhan: geall roimh mhórán eile rud. An é seo an príomh-ghiolla atá agat?: duine a bhíodh ag déanamh na céadta teachtaireacht is mar sin do dhuine. Is tú príomh-gheócach an cheanntair anois ag tnúth lé tobac: an bíodán is measa agus is sprionnlaithe. Príomh-ghob ré ar an spéir: corráinín

fíor-bheag. Tiocfaidh na bláthanna, cé ná raibh súil leo, tá an príomh-ghobadh dhá dhéanamh aca: an chéad tosnughadh ar phéacadh. An beadaidhe úd tugann sé aire gur aige do bhíonn príomh-ghoblaigh an bhúird: na béalóga is soghaile lé n-itheadh. Má deineadh príomh-ghríosadh ar neach riamh chun achrainn deineadh orm é: giobadh dian. Cómhnuighim i bpríomh-iarthar an cheanntair: an áit is sia siar. Eolas aige ar a lia rud cá ngeóbadh an phríomh-inntleacht?: an feart chun breithnighthe, fios do bheith ag duine agus machtnamh do dhéanamh ina cheart. Do cuireadh i ndiaidh a chúil an príomh-ionnsaidhe a deineadh ar an gcathair: tráth bhí breis fear is armála ghá tuargaint. Is é fear is fearr aca go léir é, is as atá an phríomh-iontaoibh: is air is mó go mbeifí ag brath. Indé príomh-lá na tástála glaodhadh na príomh-fhínidhthe go léir: na fínidhthe gurb ortha is mó bhíonn an chúis ag brath, agus mar sin b'é an t-árd-lá é. Cá bhfuil do leath-scéal-sa? ná fuairis príomh-labhairt?: labhairt roim aon duine eile. Dar ndóigh, ní raibh sé ach sa phríomh-leabhar is mise ag fágaint na scoile: an chéad cheann. Táir ar an bpríomh-láthair anois, gheobhair gach aon rud atá ag teastáil uait: ar an bhfód ceart. B'iad an phríomh-lánamha iad a phós an lá san: an lánamha is mó gur cuireadh suim ionta. Feamnach an príomh-leasughadh do fuair an gort san agus ní fearrde é: is di do cuireadh an bhreis. Dar mo lámh duit do chuir an gréasaidhe príomh-leathar ins na brógaibh sin: leathar ar fheabhas. An leabhar gan aon mhaith ó baineadh na príomh-leathanacha as ar a raibh préamh an scéil: na leathanacha a cuirfí lé tábhacht roim an gcuid eile aca. Ag mnaoi an tighe, ós uirthi atá an bríste, do bhíonn an príomh-lioscán, ní bhíonn ag an gcuid eile ach mion-phingnidhe: furmhór mór an airgid: an deascán is mó. Ina shiopa súd ní bhíonn ach príomh-lón: an chuid is fearr den mbiadh. Admhuigheann gach éinne go bhfuil an chuid eile dona go leór, ach is tú féin príomh-mháighistir na gceárdaidhthe: an té is measa dhíobh. A bhuidhe le Dia, a dhuine mhuinnteartha, ná fuil aon phríomh-mhairg sa tsaoghal orm: aon mhairg a chuirfeadh ró-bhuaidhirt orm. Siubhluigh an Mhumha is ní bhfaghfá fear is príomh-mhacánta 'ná é: is ionraice ar gach cuma. An eaglais Chaitliocaidhe Romhánach ár bpríomh-mháthair: an eaglais gurb uirthi bhíonn ár dtriall i ndeireadh dála thiar. Dar fiadh, dá mbeadh duine ag cuimhneamh choidhche, sin príomh-mhachtnamh: árd-smaoineamh: ceann gur deacair buadhachtaint air. Príomh-mhagadh dhuit a rádh leis go bhfuil an t-aindeiseóir maith a dhóthain d'aon rud a cuirfí ar a chúram: an magadh is mó d'fhéadfá do dhéanamh. A phríomh-mhaighdean, guidh orainn: a mhaighdean is iongtaisidhe. Déanfaidh an phosóid the sin príomh-mhaitheas ar na creathaidhibh fuachta dhuit: bail mhór. Tighthe a phríomh-mhaoin: is ionta atá a chuid. Is iomdha buachaill a bhí ag tnúth léi ach mise, beir leat, a príomh-thaithneamh: is mise an té budh cheanamhla léi. Is in Áth Cliath, ní nach iongadh, atá príomh-mhargaidhe na hÉireann: is mó agus is tábhachtaighe. Níl aon bhaoghal air ná go bhfuil san go príomh-mhilis: an-mhilis. "Tá an príomh-mhianach ionat, a bhuachaill", le duine a ghníos rud a thaithnigheas liom: an mianach ceart. Chuaidh príomh-mhuca airgead maith ar an aonach: muca ar aiste mhaith méid agus cothuighthe. Ní hait in ao'chor, ach sin mar tá gur imthigh ár bpríomh-nósa leis an nGaedhealaing: na nósa budh mhó cleachtadh eadrainn. Is liom a thógaint mar is mise a fuair an príomh-órdughadh chuige: an t-órdughadh roim éinne eile. Príomh-oidhche na bliadhna Oidhche Nodlag: is mó go gcuirtear suim innte. Nách me an príomh-óinseach is bheith ag caitheamh mo choda ar dhiabhalaibh gan tairbhe: ceann corónta déanta. Fuair sé príomh-onóir ó n-a dhúthaigh ar son na tairbhe do dhein sé dhi: onóir árd. Príomh-olca an olacháin aithis, bochtanacht, agus truallightheacht: na díthe is measa ag gabháil leis. Cá hiongadh go n-éireóchadh go

maith leis, nách chuige sin a bhí cumas príomh-oileamhna ge n-a athair le tabhairt do: an teagasc is an múineadh dob fhearr. Mo phríomh-osna dhuit, a Mháire: an síor-osna agus an ceann is truime. An bheirt aca na príomh-pháirtidhthe i ngnóth na cuallachta: an bheirt is mó go raibh cuid aca dhe. Ón saoghal mór ní creidfí ná go raibh príomh-pháirteachas agam i ngach rud ait a déintí ar fuaid an pharróiste: go mbinn chómh doimhin ceangailte ann lé héinne. Príomh-phas ón riaghaltas agam a bhéarfadh in aon áit me gan toirmeasc: árd-phas cómhachtach. Corcaigh príomh-phort Mumhan: an caladh is mó lé rádh ar thrácht farraige, etc. Príomh-phráisc an chaitín bheith ag súgradh lé luich: an seódh is mó aice agus is fearr léi. Príomh-rabhartaidhe na bliadhna, an earraigh is an fhóghmhair. An oidhreacht a thuit air, an príomh-rath a tháinig air: an chéad ádh. Baineann sé príomh-rachmas as pé rud a bhíonn aige dá luighead é: aoibhneas ceart. Cad dob áil leat-sa, seachas neach eile bheith ag gearán ar é d'ainmniughadh ná fuil sé príomh-ráidhte agat féin: ráidhte roim éinne. Fuaireas-sa príomh-radharc ar éinne ar an bpeictiúir: amharc roim éinne eile. Is fada príomh-ráidhteachas ar an gcleamhnas céadna, tá na daoine sean-chortha dhe: cainnt cheana. Ná tuigtear duit go mbeinn ag lorg an oiread ort mara mbeadh príomh-riachtanas do bheith agam leis: gábhadh ceart nách féidir déanamh gan é. Ceist í seo ná raibh aon phríomh-réidhteach uirthi gur shocruigh an scoláire mór í: socrughadh nó léiriughadh roimhe sin. Príomh-réidhfidh Dia ar neamh duit: socróchaidh sé ionad duit ann roim do bhás. Príomh-rí an domhain: an Tighearna. Príomh-riarthóir na hAlmáine Hitlear, agus príomh-riarthóir na hIodáile Musailíní: an té is mó tábhacht. Faic 'e bharra níl air, tá sé ina phríomh-rith airís: chómh mear, lúthmhar is d'fhéadfadh do bheith. A phríomh-rógaire, níl aon dubhán sa Daingean a thachfadh thu: árd-rógaire: ceann ceart, críochnuighthe. Níos measa 'ná é bheith gortach, tá sé leithleachais, theastóchadh an phríomh-roinnt i gcómhnaidhe uaidh: an chuid budh mhó is dob fhearr. Mise a fuair an príomh-sháthadh: an chéad ionnsaidhe. Tá príomh-shaghaiseanna éadaigh aige agus ní hiad na giobail sin iad: cinn ar fheabhas. D'áitigh sé orm gurbh é an leabhar úd príomh-shaothar na bliadhna as Gaedhealaing: budh thábhachtaighe is dob fhearr. Ní ghoillfidh sé an oiread san ort in ao'chor an bheart do chóimhlíonadh níl an príomh-shaothar san ar fad ag baint léi: duabhais mór-thábhachtacht. Gheibhim príomh-shásamh as bheith ag argóint leat mar is eól dom gur fearr i bhfad me 'ná thu: sásamh an domhain uile. Lá ar mhuin lae bhí an t-arm dhá ruagadh go dtí go rabhadar príomh-scáinte: scaipighthe go fuar, fánach ina ndíormaidhibh beaga. B'shin í príomh-scairt an bhitheamhnaigh, níor leómhaidh sé riamh d'éinne a heólas d'fhagháil: a árd-ghnáthóg: an ceann budh mhó go raibh a sheasamh uirthi. Fuaireas príomh-sceimhle mo shaoghail nuair chuaidh an madra cuthaigh im scórnaigh gan choinne agam leis: an scannradh is mó fuaireas riamh. Seadh, a Thomáis, is tú príomh-scéalaidhe na hoidhche go bog: an té is mó scéalta agus is fearr chun a n-aithrise. Cuirtear cuir sa phríomh-sheól, tá an iomad gaoithe ann: an seól is mó. Púnt amháin mo phríomh-sheilbh: a bhfuil sa tsaoghal agam. De príomh-scoth Éireann mise, beir leat agus ná déin aon dearmad de: den gcinidh is seanda agus is uaisle. Má ritheann leis ar an bpríomh-scrúdughadh atá chuige, mar do rith go dtí so, beidh an báire aige: an ceann is déine. Cé hé gur chórtha dho an príomh-sheómra ná dom, nách mé is mó buannacht air: an seómra is mó éileamh air lé n-a fheabhas. Príomh-shiocair báis do an sáthadh do cuireadh ann bliadhanta ó shoin, is ní hí an bhreóidheacht so: an chúis is mó is adhar éagtha dho. Príomh-shliocht an cheanntair iad: an sliocht is seanda agus is mó lé rádh. Má tá príomh-smacht ar aon fhear bocht ge n-a mhnaoi tá sé air, gan neart aige cor do chur dá bhuaraigh: srian docht ar a ghníomharthaibh. Ar dhúiseacht dom b'é mo

phríomh-smaoineamh gur gheallas duit teacht féd dhéin: an chéad rud in Éirinn do buaileadh im aigne. Ar na príomh-shráideannaibh do bhíonn na príomh-shoillse: ar ná sráideannaibh is mó conbharsáid is breághtha agus is tábhachtaighe is ann do bhíonn na soillse is mó solas. Ar na tónachaibh atá ag imtheacht thiar is baoghalach go dtiocfaidh príomh-shóinseáil asta: athrughadh nách gearr. Príomh-shruth na hÉireann an tSionainn: an abha is mó: rí-uisce Éireann. Na príomh-stráicidhe do deineadh den dtalamh nuair bhítheas ghá roinnt lé léighe na feirmeóiridhe móra do fuair iad: an chuid a bheadh ar tosach, ar chuma ar bith: an chuid b'inmhianta dhíobh. Bhí sé ráidhte air gur bh'é príomh-shuadh a linne é, bhí sé príomh-fhoghlumtha ach go háirighthe: an té budh bhéascnaighe lé n-a ré. Dá (mbudh) me thu ní bheadh príomh-shúil agam leis, is minicighe ag cliseadh é 'ná ag cóimhlíonadh: dóchas mór as a theacht nó as a ghníomh, etc. Is iomdha craosaire bídh feicsighthe agam lém linn, ach b'é a bpríomh-shutha aca go léir é: an tomhaltóir budh áidhbhéile. Príomh-thabhairt na talmhan so prátaidhe: siad an toradh is iomadamhla ann iad. Is agat, má bheadh sé ag neach, a bheadh a phríomh-thabhairt amach, mar bhís láithreach ar thárla: connus cunntas ceart cruinn do thabhairt air. Nách é a fuair an príomh-thabharthas ó Dhia agus a leithéid de raicineálaidhe d'éirghe as an ól: an aisce iongtach. An phríomh-thacaidheacht a gheall Sasana dá cómh-ghuailnidhthe níor thoruigheadar fós: an chabhair áidhbhéil dréir a bpríomh-aighneastóra. Is iomdha san príomh-thairbhe déanta dos na bochtaibh aige: maitheas mór. Duine príomh-thairbheach in aon tigh é sin fós ach cneastacht is cineáltacht do thabhairt do: árd-thairbheach: b'fhearrde aon tigh a chongamh. An príomh-oide a thugas an príomh-theagasc sa scoil: an ceann a mhúineas na hadhbhair is cruaidhe agus is léigheanta. An Ghaedhealaing mo phríomh-theanga is amhlaidh d'fhoghluimuigheas an Béarla: teanga m'óige. Tusa an phríomh-thruadh cheal tobac nár ól aon ghal lé seachtmhain is ní hiad so eile go bhfuil sé ina bpóca fós aca: is measa. Is agam-sa do fágadh an phríomh-uain is ní ceaduighthe d'éinne teacht rómham: an chéad amus chun ruda do dhéanamh: greas, etc. An ceann déidheannach dob é an príomh-ualach agus cuirtí a dhá oiread ann: an t-ualach budh mhó suim ann. Ó, ná bíodh aon argóint air, is aige atá príomh-ughdarás an tighe aon lá gur mian leis an mhéar do thógaint: cómhacht chun aon ruda do dhéanamh. Ní fhéadfadh gan barraidhe maithe do bheith sa phríomh-úir sin: úir shaidhbhir. Príomh-uiscidhe an domhain: an bhóchna uile. Dár n-uachtarán tá príomh-urraim ag dul: ár meas go huile. Má chaithir in ao'chor bíodh an príomh-urchar agat: an chéad cheann. Mise an príomh-urra a chuaidh air, chuadhas i mbannaidhe dhá chéad púnt air, an t-urra eile céad féin: an té is mó a luigh fé bhannaidheacht.

príomhaidhe: *a. n-dh.* nósmhar, módhamhail, galánta, craobhach. An hata príomhaidhe a bhí uirthi bhí gach neach ghá thabhairt fé ndeara, a leithéid eile ní fhéacadar riamh: nósmhar, faisiúnta: craobhach. Aon chnaipe amháin i gcasóig na ndailtínidhe an nós príomhaidhe atá anois aca: atá ag imtheacht go coitcheann. Tá do chulaith go príomhaidhe anois tar éis a glanta: cuma an-ghalánta uirthi.

príomhdhacht: *b.3.* tábhacht, árd-chéim, árd-aiste. Dar liom-sa, níl aon phríomhdhacht ag baint leis ach an oiread lé héinne tímcheall annso, cá bhfuil a cháilidheacht 'e bhreis ortha: árd-chéim. Ní nách iongadh tuigfeadh dearg-amadán go bhfuil príomhdhacht ag baint lé bheith it uachtarán ar dhúthaigh: mór-thábhacht. A príomhdhacht san arm an-árd: céim. Tugtar príomhdhacht duit mar is fiú leis na daoinibh ort é: tábhacht.

priongaide: *f.4.* aon rud bídeach; beag-mhéide. Tóg uaim do phriongaide scine ní ghearrfadh sí tobac gan bac le colamóir: scian thruaillighthe. An priogaide ráinne atá aige ag baint phrátaidhe chuirfeadh sí ag gáiridhe thu: priocaire beag: ceann caithte: meilit. Na priongaididhe scadán a bhí aca, d'íosfá leathdosaon aca agus gan sutha do dhéanamh díot féin: smithiridhe: rudaidhe an-shuaracha. Ní bheadh aon chlann ag eisean is a phriongaide buid: plibire beag. Dá bhfeiceadh an dream atá sa chré na priongaididhe atá ag éirghe suas anois d'iompóchaidís ina gcómhrainn!: iarmaráin mhiona. Priongaide cárta do chuiris isteach liom: cárta ró-lag i bhfad. An priongaide gluaisteáin a bhí ag an seisear aca budh dhóigh leat ná raibh mór a ndóthain do bheirt: ruidín beag, suarach.

priongaim: *b.a.* priocaim, bainim miotóg as, griogaim go héadtrom. Priong le cos na pípe é: prioc: buail tapaidh ina choinnibh í. Phriong an breac mo bhaoite na ficididhe uair gan a dhul suas: thug sé snapanna beaga éadrom air.

priongadh: *f.* (*-ngtha*) priocadh, do bhaint miotóg amach; mion-shnapadh. Beir ag priongadh 'sag priongadh ar an mballóig go laitfir í: ag baint mion-bhlúiridhe aiste mar bheadh luch ag creimeadh. Bíonn priongadh preangadh an diabhail bhuidhe agat ar an méir thinn sin go dtabharfaidh sí ceól duit mara stadair: priocadh, preacadh: síor-mhion-theangmháil. Beir ag priongadh ar an uaireadóir sin go millfir í: ag priocaireacht 'sag giobaireacht.

prionnsa: *f.4.* flaith, rí-fhear. Prionnsa na Breathnaisce, prionnsa na corónach: rí-dhamhna na corónach. Déineann an chulaith sin prionnsa dhíot: rí-fhear: tugann sí cuma iongtach ort. Nách é an prionnsa é go bhfágfí bóthar do seachas éinne eile: an duine ró-thábhachtach. Sid é an prionnsa atá ortha, ní bheadh na garsúin eile leath chómh holc mara mbeadh é: an ceann: an té a sháruigheas ar an gcuid eile go léir. Budh thruagh choidhche ar lár é, b'é an prionnsa é: fear iongtach ar uaisle, féile, fearamhlacht, etc. Tá saoghal prionnsa annsan agat it aonar gan neach ag cur isteach ná amach ort: saoghal subháilceach, sona. Bhíodar súd chómh saidhbhir sin nár bh'aon bhréag prionnsa-cheannaidhe do thabhairt ar gach duine aca: duine a sháruigheas ar a lán ar a ghairm nó ealadhain féin. A phrionnsa na síothchána, cosain sinn ar phrionnsa na doirceachta: an Slánuightheóir in aghaidh an diabhail. Bhíodh an oiread san ceana aige ar chapaillibh go mbíodh prionnsa (capaill) aige i gcómhaidhe: togha ainmhidhe. Ní chorruigheann an sean-phrionnsa amach in ao'chor anois: seanduine an tighe. Prionnsa tairbh: ainmhidhe breágh lán-fholaidheachta.

prionnsamhail: *a.* go gcáilidheacht is dual do phrionnsa; cosamhail le rud a bheadh i seilbh phrionnsa. Ar feadh an choighcís a bhíos sa tigh aca do thugadar déanamh prionnsamhail dom: fuaireas cóir mar budh dhual do phrionnsa. Thugadh sí bronntanaisidhe prionnsamhla dá lucht feadhmanais um Nodlaig: costasamhail. Bíonn sé prionnsamhail pé áit ina mbíonn sé: galánta, creideamhnach.

prionnsamhlacht: *b.3.* aiste nó cáilidheacht an phrionnsa. Aonnidh amháin nár thréig riamh an Peáirnéalach prionnsamhlacht a dheigh-iomchair: uaisleacht. Dá bhoichte é

briseann an phrionnsamhlacht amach ann, thabharfadh an greim déidheannach lé n-itheadh dhuit: uaisleacht is galántacht.

priosla: *f.4.* an seile nádúrtha ag gluaiseacht uaidh féin mar bheadh sruma; slaparáil bhéil. Cuirfead prioslaidhe fola leat mara bhfágair mo dhoras: beidh fuil ag teacht mar bheadh seilidhe ag tuiteam ón mbéal. Glan na prioslaidhe!: na seilidhe atá anuas ó chúinnidhibh do bhéil. Ní fheaca riamh é ach na prioslaidhe leis: béal salach air. Budh ghránda leat féachaint ar an úrlár ina ndiaidh, é lán de phrioslaidhibh: de chaitheamh seilidhe. Ó, th'anam 'on (diabhal)! a Sheáin, seachain tú féin air, tá prioslaidhe lé gomh air!: cubhar bán! Na prioslaidhe tobac atá ar an úrlár i ndiaidh na rudaidhe salacha: seilidhe móra.

príoslach: *a.* salach le síor-ghluaiseacht seile as béal. Rud príoslach mar thusa, cá mbeifeá-sa ag dul?: ná coimeádann a bhéal glan. Daoine príoslacha tímcheall tobac: a chaitheas amach a seilidhe is iad ghá ól. Glan lé criosúir do phus príoslach: seileach.

prioslachán: *f.1.* duine go mbíonn prioslaidhe leis; duine neamh-ghasta. A phrioslacháin, cad táir-se ábalta ar a dhéanamh?: a rud gan fuinneamh, gan glaineacht. Is tú an prioslachán déanta ar gach nídh go dtí ambáireach: an rud gan tapa gan treóir. An é an prioslachán san a chuirfeadh sibh ag imirt?: duine neamh-ghasta tuathalach. "Ní fheaca riamh thu ach ag teacht abhaile id phrioslachán!": lé leanbh a bheadh ag gol ag leanbh eile. Aon fhocal ní thuigim ón bprioslachán san: duine ná labhrann soiléir is go mbíonn uisce lé n-a bhéal. Prioslachán leinbh: leanbh béal-shalach.

priosláil: *b.3.* leigeant dos na seilidhibh nó d'aon lionn sileadh ón mbéal. Cad n-a thaobh bheith ag priosláil leis an leann dubh is bheith ghá dhortadh: leigeant do éalódh ar dhá chúinne an bhéil. Priosláil éigin chainnte aige gur theip orm aon adhmad do bhaint aiste: cainnt neamh-shoiléir. Priosláil éigin ar siubhal do shíor aige: cainnt ait gur deacair a tuigsint le neamh-dhoiléire.

prioslálaidhe: *f.4.* duine a shailigheas é féin lé n-a sheilidhe; duine salach neamh-ghasta. Prioslálaidhe diabhail mío-ádhmharach go bhfuil mo chroidhe briste d'iarraidh a thuigsint: duine go mbíonn na seilidhe ag teacht ó chúinnidhibh a bhéil is é ag cainnt. Prioslálaidhe éithigh: duine gur cuma leis ach bheith ag cur as. "Maisle chughat, a phrioslálaidhe nár chongaibh do bhéal dúnta", lé duine go raibh a bhotún déanta aige.

prioslaire: *f.4.* duine go mbíonn prioslaidhe leis; botúnaidhe. Ná bím ag féachaint annsan ort id phrioslaire: duine ná feadair connus cur chun ruda do dhéanamh i gceart. Ná bím ag éisteacht le prioslaire maoidhteach mar thu is gan maith Philib an Gheitire ionat: botúnaidhe.

prioslaireacht: *b.3.* cainnt neamh-dhoiléir, ait, gan fuaimeant, ag teacht gan srian léi ar nós an phriosla a bhíos ag sileadh uaidh féin. Chaithfeadh sé an lá ag prioslaireacht annsan gan fhios ag éinne ná aige féin cad bheadh ar siubhal aige: bog-dheórach: go bog-lútálach. Bíonn prioslaireacht an domhain tímcheall imeartha: mórán cainnte gan puinn

fuaimeanta. Cad í an phrioslaireacht sin ort, ach má tá aonnidh lé rádh agat abair é!: cainnt éigin ait.

prioslálta: *a.r.* lán de phrioslaidhibh seile, srumach, ceódhmharsach, smeartha. Brollach na bunóice prioslálta ar fad aice, glan í: fliuch-shalach ó shruma-sheilidhibh a béil. Do phus is do léine, mo náire prioslálta agat leis an ndigh: í doirtighthe agat ort féin. Lá prioslálta andeas dob eadh é ar an bhfarraige, is níor mhothuigh foireann na luinge faic go rabhadar buailte lé talamh: smeartha: fliuch dorcha. Aimsir phrioslálta: béal-fhliuch.

príosún: *f.1.* cimeachas, braighdeanas; áit ghéibhinn; gabhann; carcar; teach nó log leis an stát mar a gcoimeádtar coirpthigh dhaortha fé dhuaidhnéis nó iad so go mbíonn coir ina leith is bhíos ag feitheamh lé n-a dtástáil; aon áit nó ionad gabhainn nó cosca. Cuirfear príosún trom air má daortar é: gearrfaidh an dlighe seal fada air fé i ngéibhinn. Chuirfeadh bearta mar sin ar do shúil (go dtíd dhá shúil) i bpríosún thu: seal fada fé ghlas is fé ghéibh. Príosún áite seadh é, gleann gránda iargcúlta gan siubhal an bhacaigh air fiú amháin: áit chonnluighthe ná fuil mórán ceada reatha ag duine ann. Poll mór ina phríosún suas fén bhfaill: dorcha, diamhair. Cuireadh seachtmhain phríosúin orm i dtaobh bheith ag bruighean: seachtmhain i gcarcar. “Agus do bhí me ag géirleanamhaint na slighe seo gus an mbás ag ceangal fear agus ban agus dá dtarraing chun príosúin”: carcair dhorcha gan fuinneóg. Do raghainn i bpríosún sara raghainn ’on arm dóibh: is beag é m’fhonn dul ’on arm. Cé lonnóchadh sa phríosún tighe seo: tigh dorcha is deallramh coimhtheach air. An príosún do stáitse mara n-athruighir do phort: cuirfear i ngéibheann thu i sásamh do chortha. Fuair sé (cuireadh i) príosún an stáit: príosún i gcómhair daoine daortha i gcorthaibh troma go mór-mhór in aghaidh an stáit.

príosúnach: *f.1.* bráighe, cime, coirptheach. Táim im phríosúnach lé seachtmhain ag droch-bhrógaibh, ní fhéadfainn gabháil amach san uisce go léir leo: fé ghéibheann an tighe. Tógadh na mílte príosúnach sa chath: cime: duine i ngéibheann. “Óir cluineann Dia na boicht agus ní tharcuisniugheann a phríosúnaigh” (Sailm LXIX. 33).

prisbíneach: (**plispín**) *f.1.* *7* *4.* fear gan puinn tairbhe; suarachán; duine neamh-mheisneamhail. A phrisbíneach, éirigh as san uaim, nílir-se ábalta ar aonnidh do dhéanamh: a mheathtaigh. Prisbíneach ná feaca preab riamh ann, istigh ná amuigh: rud suarach, sprionnlaithe. Prisbíneach gan anam ná féadfadh an t-ualach beag san d’árdach ón dtalamh: rud gan anam gan anál. Prisbíneach fir ná thug aon tseasamh lé héinne riamh uaidh: fear gan spirid gan anam.

prislín: *f.4.* priosla beag, aon rud a bheadh ar sileadh. Prislínidhe beaga leis an mbunóic: seilidhe léi ina srumaidhibh: duine go mbíonn a seilidhe ar sileadh leis.

priúnsúir: *f.3.* úirlis chun greama d’fhagháil go ndá bheann ar maighdeóig. Rug sé greim an phriúnsúra orm is ní fhéadfainn me féin do bhogadh uaidh: greim docht, daingean.

próca: *f.4.* árus doimhin, corr, de chré, ghloine, chloich etc., gan aon sconna ná cluas, nó b’fhéidir dhá chluais air. Próca úisc: lán d’íle éisc leachta. An té a itheann an t-ím bíonn dath an phróca (cré) air: dath gléas-bhuidhe na sláinte.

priochlais: *b.2.* uaimh, poll gránda, scailp, tuinnidhe, cúlbháidh. Is é iongadh an domhain connus mhaireann sé sa phriochlais sin, gan grian ag taithneamh air ná fuinneóg ná oscailt chun gaoithe air: poll aindeis tighe. Priochlais dhoimhin, dhorcha suas fén bhfaill go ndeirtear go gcuirtí fíon i bhfolach innte fadó: uaimh. Priochlais ameasc na gcarraigeach ag an sionnach nách aon mhaith bheith d'iarraidh taighdeadh air: poll achrannach.

proimpín: *f.4.* tóinín mar bheadh ar éan. Chuirfeadh sí ag gáiridhe thu nuair chidhfeá ag rinnce í is an proimpín tóna a bhíonn thiar uirthi: tón bheag uaithi amach. Sicín an phroimpín: tóinín clúmhach ina chnapán ar a deireadh.

proimpíneach: *a.* go mbúndún beag, mór-chúiseach. Cearc phroimpíneach: go mbeadh stuth bheag chlúmhach ar a tóin. Ghluais sí amach ar an úrlár chun rinnce go proimpíneach: oiread measa fúithi is nár ghábhadh dhi.

proimpíneach: *f.1.* duine nó ainmhidhe go mbíonn tiompán beag, cruinn, cruinnighthe air; duine beag mórchúiseach ann féin. Proimpíneach circe. Proimpíneach mná: bean bheag go mbeadh breis mheasa fúithi.

proinn: *b.2.* biadh, dinnéar, béile. Aimsir proinne, stadaimís: aimsir bídh um eadartha. Céad-phroinn, proinn agus séire: trí béilidhe an lae. Duine mór-thábhachtach é siúd, pé broid a bheadh agat leis ní éireóchadh sé ó n-a phroinn chughat: a chuid bídh. D'íosfadh an sutha san proinn seachtmhaine in aon bhéile: biadh. Tá proinn agat gur fiú proinn do thabhairt uirthi: béile fíor-mhaith.

próinseachán: *f.1.* cruithneacht beirbhthe i mbainne, milsighthe, etc. "Tá sé ina phróinseachán agat", lé biadh go mbíonn mórán rud curtha trí chéile.

proinn-teach: *f.* tigh bídh, (tigh ithteacháin). "Cad dhéanfaidh sí anois?" – "proinn-teach do chur chúiche ar thaobh na sráide" – "chun tusa bheith ag itheadh pigheanna ann!" (seanbhlas). "Proinn-tighthe gur plátaidhe bána is mó chidhfeá ionta", arsa an garsún tuaithe.

próiseas: *f.1.* an barántas in iomlán a bheireas cosnach chun cúirte chun freagartha i gcúrsa coirptheach. Níor mheasa dhuit é do bhualadh an doras isteach chughat 'ná próiseas: bhíodh na bochtáin scannruighthe roim phróiseasaidhe, go mór-mhór toisc gur ós na tighearnaidhibh talmhan do thagaidís, uime sin an radh úd. An bhagairt is íogaire dob fhéidir do dhéanamh ar dhuine ná a rádh, "cuirfead próiseas chughat (tabharfad próiseas duit)". Fuair sé próiseas bóthair ón mbás: gairm ón mbás chun gluaiseacht. Tá a phróiseas déidheannach ar an mbealach chuige: an bás ag glaodhach air. Próiseasaidhe ar an ndoras in aghaidh an lae agam: gach éinne ghom fhiadhach i dtaobh fiach.

prómhaidhe: *a. n-dh.* beacht, néata, béas-ghalánta, stuamdha. Tá aos maith aice anois, agus nách í atá go prómhaidhe: gleóidhte, néata ina deallramh is ina himtheacht. Ruidín beag prómhaidhe in oifig seadh í: gach nidh a bhaineas lé n-a cúram deineann sí go

beacht, nósmhar é. Bheannuigh sí dhom go prómhaidhe: go béasach ach sin a raibh ann. Táir ró-phrómhaidhe dhom chun me bheith in aon bhóthar leat: ró-bheacht, ró-cháiréiseach id shlighthibh dom. Buachaillín a théigheas ar scoil ina aonar go prómhaidhe: mar raghadh duine fásta.

prómhaidheacht: *b.3.* beachtacht, néatacht, béas-ghalántacht, stuamdhacht. An phrómhaidheacht go léir atá innte is gan ach í as an gcliabhán: imtheacht mar bheadh fé dhuine fásta. An phrómhaidheacht atá ann ar an dtaobh thiar de chonntabhairt: cáiréis: tábhacht mar dheadh. Budh mhór an phrómhaidheacht d'fhear bheag mar thu bean mhór mar í do phósadh: clódhchas. Béarfaidh do chuid prómhaidheachta i bhfad thu, a leinbh: do chlódhchas.

prompa: *f.4.* rúmpa, tiompán árd, an búndún go bhfásann na cleitidhe as. An prompa atá thiar uirthi (bean): mar bheadh a híochtar snaidhmthe thiar ar árd a tóna ag mnaoi tuaithe chun coisidheacht, ag pasáil éadaigh i ndramhlaigh nigheacháin, etc. Cearc an phrompa: go mbíonn iogán nó stuth mhór chlúimh thiar ar a geidirne: cearc phrómhaidhe! chlódhchaiseach, thóstalach. An prompa atá thiar air ag siubhal: a thón uaidh siar is druinn (dronn) chun cinn air. "Éireóchaidh leis" – "éireóchaidh ina phrompa thiar!": aon dul níl aige air. Árduigh t'ualach ort is ná bíodh sé ina phrompa thiar ort: ina árdán ar chnámh do rúmpa. Sin é é, bí-se i gcómhnaidhe ag éirghe thiar as a phrompa agus is fearrde é chun a thuilleadh droch-mhúinte do chur air: ag tóin-leasughadh leis.

prompach: *a.* árd-bhúndúnach, árd-thiompánach, tóstalach. Cearc phrompach: go mbeadh prompa uirthi. Maran prompach ataoi agam: tóstalach.

prompálta: *a.r.* maol ar an rúmpa mar bheadh cearc go mbeadh a cleitidhe tóna silte aice; mór-shliastach. Is é a chúl a bhí go prompálta ar shráid an Daingin Dé Sathairn: lom-bhearrtha, prioctha, giobtha. Is í atá go prompálta: gléasta, go prómhaidhe. Bád an-phrompálta as a deireadh í: tógtha go hárd as an uisce. A ceann prompálta: a folta (a cúl) bearrtha lom. Bean phrompálta as a tóin: trom-shliasta.

prompálaim: *b.a.* bearraim, sciotaim, scothaim. Dá mbeadh do chuid gruaige prompálta bheadh breis deallraimh uirthi. Prompáil gan mhoill í: sciotuigh nó scoith tímcheall a cúil í ó chluais cluais. Cé phrompáil thu?: a bhearraidh an folt go triopallach duit.

prompáil: *b.3.* folt-bhearradh lom tímcheall an mhuiníl is na gcluas, nós a tháinig tamall de bhliadhantaibh ó shin. Bean phrompála: bearrbóir mná a chóirigheas folt ban.

pronnlach: *f.1.* béile bheag, lón, tomhaltas. An ndéanfaidh a bhfuil de bhiadh againn pronnlach dúinn go léir?: lón éadtrom. Chuadhamair i dtalamh ar thaobh na faille, d'aduigheamair teine, bhruitheamair breac éisc - ar an gcuma san, dheineamair pronnlach dúinn féin: breac-bhéile go raibh deabhadh léi. Sa tábhairne gheóbhfá ag an gconntabhairt pronnlach bheag mhaith léd dhigh ar scilling: lón beag.

propa: *f.4.* (**prapa**) taca, cóngamh. Ná cuir ag gáiridhe me! más tusa an propa atá aige níl aon bhaoghal ná go bhfuil fear aige: an taca: an té atá ag cabhradh leis. Anuas leis an

bhfalla san sara mbeidh mórán aimsire caithte, tá iogán air, mara gcuirtear propa leis: taca: bíoma adhmaid ina choinnibh nó smut de phort-fhalla do thógaint leis. I ndeireadh dála thiar, creid mise, a úncail, gurb é an t-airgead an propa is fearr agat: an chabhair. Sméideadh maith bacaighe fós ann, go gcaitheann maide bheith mar phropa aige: teannta chun coisidheachta.

prapuighim: *b. n-a.* tacuighim, greamuighim, gluaisim lé teannta. Prapuigh liom nó sleamhnóchad: teanntuigh liom. Labhair go dána leis, mise an fear a phrapóchaidh leat: a thacóchaidh; a thabharfaidh cabhair is cóngamh duit. Prapuigh fé laistíos isteach, cad é an t-eagla atá agat roimis?: luigh go teann fé chun greama d'fhagháil air. Mara mbeadh an tslighe do prapuigheadh leis is fada buidhe go bhféadfadh sé an áit sin do cheannach dá inghin: an chabhair airgid do fuair sé. Is diail mar phrapuigh sé, is gan é acht ina dhuine bhocht, ar thaobh sráide annsan: a chuir fé is a neartuigh ann. Phrapuigh sé leis abhaile ar chuma éigin is é go léir gearrtha, laitighthe, lag ó shileadh fola: threabhaidh sé. An dóigh leat go bprapóchair suas taobh na faille sin? ní phrapóchair choidhche, mhuis, tá sé maith a dhóthain do chat: an ngreamóchair? an ndéanfair spradóireacht ann?

prapuighthe: *a.r.* tacuighthe, teanntuighthe lé; triallta. B'fholláin don bhfalla san a bheith prapuighthe go maith leis, bhí sé ar tí tuitim: teannta do bheith curtha leis. Is fada ó bhaile atá sé prapuighthe agat, má tá sé siubhalta an fhaid mhór san i dtrí lá agat: triallta: taistealuighthe. Seadh, a chuideachta, táthaoi prapuighthe go maith annsan, is bhur suaimhneas is bhur mbraon dighe agaibh: curtha fúibh.

pruais: *b.2.* gnáthóg mhada ruaidh; bead bheach; gnáthóg d'aon tsaghas; áit dheiscréideach thaisce; áit theólaidhe. Rugadh ina bpruais ar na bitheamhnaigh, dá fhaid a bhí ag rith leo: gnáthóg i ngan fhios. Téighimís chun a thighe, gheobham ina phruais é: sa bhaile, b'fhéidir ina leabaidh. Ar mh'anam, dá bhoichte í, go bhfuil pruais dheas theólaidhe annsúd aice: tigh cluthair, seascair, fothaineamhail. A bhfuil d'airgead geal aige, ní fheadar cá bhfuil an phruais aige?: an áit thaisce fholuightheach. Ní fheaca riamh gan airgead é, ní fuláir liom nó tá pruais in áit éigin aige: gnáthóg nó áit éigin dheiscréideach nách eól d'éinne ach do féin. Chómh ciúin lé mada ruadh ina phruais fan: go cúthail, glic, foluightheach. Fan id phruais ná gaibh amach lá feannaideach mar seo: istigh go teólaidhe id thigh. Deinimis pruais isteach fén gclaidhe chun fothana: poll mar bheadh gnáthóg ainmhidhe féin. Pruais frannach (luch) sa stáca: nead. Téigheann na róinte i bpruais suas fén bhfaill ist oidhche: poll doimhin dorcha. Cá pruais go dtéigheann an t-eileafaint nuair bhíonn ar thuilleamh báis ná faigheann éinne amach é?: áit iargcúlta, fholuighthe. Ar a bhfuil de bheachaibh ag foluamhain tímcheall annsan, deimhnightheach tá pruais sa chlaidhe aca: gnáthóg: cruiceóg. Dhéanfadh aon tsaghas pruaise sinn ar feadh na hoidhche ach bheith foilighthe ó spéir na hoidhche: aon tsaghas puill chun luighte ann. Déanfaidh na tuinncéiridhe pruais san áit sara bhfágfaid: cuirfid fútha ann. Dhein an pléascán pruais sa tigh: poll nó mannta mór groidhe doimhin. Ná fág pruais sa tigh gan cuardach, tá gunnaidhe i bhfolach in áit éigin ann: poll ganfhiosaidheachta. Pruais mhada ruaidh, ropach coinín, canachán girrfiadh, brocais bruic etc. Aon cheal plúir níl ortha súd dá mbudh mhaith leó a dhíol, tá pruaiseanna dhe bailighthe isteach aca: taiscidhe móra, troma fé cheilt. Múscail as a phruais é: cuir ina shuidhe é: dúisigh é. An t-iasc ina bpruaiseannaibh anocht gan priocadh ná preacadh aca: ina n-áit sosa, suain.

pruaisneóg: *b.2.* cruiceóg. Fadó ach ní anois é ámhthach, gheibhtí pruaisneóg beach i móinfhéaraibh nuair bítí ghá mbaint: an saghas talachais a dheinid dóibh féin chun meala do bhailiughadh is do thaisceadh ann. Budh gheall lé pruaisneógaibh na muilte páipéir a iomadamhlacht a bhíodh daoine isteach is amach ionta: chuirfidís beacha ag soláthar meala i gcuimhne dho dhuine. Pruaisneóg gráineóige: an nead sopacháin a bhíonn aice.

pruchóg: *b.2.* bothán aindeis, truaigh. Nuair chonnaic sé an phruchóg ina rabhas ag lonnughadh tháinig náire air bheith ag lorg chíosa as: áit lán-aindeis, suarach lé hamharc air agus salach.

púca: *f.4.* mealbhóg, pocán, sparán. An púca padhail: an fás aon oidhe doi-ithte go mbíonn an taobh fé dhe dubh. Tá nimh air. Creideann leanbhaidhe go mbíonn mar scáthán ag mion-phúcaidhibh: ón mbáistigh is ón ndrúcht.

púca: *f.4.* spirid (mhacánta), taidhbhse, sidheóg; duine daibhceach, coimhtheach; bád seóil iascaigh. An gcuirfeadh na púcaidhe eagla ort: spirideanna daoine marbha. "Chughat an púca!" deirtear lé leanbhaidhibh nó daoinibh scáinteacha chun eagla do chur ortha. Is minic a síntear na méireannta i dtreó na súl ghá rádh so: "Chughat an púca, Ráilí", deirtear i gCorca Dhuibhne lé leanbhaidhibh chun eagla do chur ortha is go raghaidís chun suain gan bheith ag lógóireacht: i gcuimhne ar ár Dhún an Óir agus an scannradh d'fhág sé i gcroidhthibh na ndaoine. "Cá bhfuil san ag dul anois?" – "ní fheadar; ní bhíonn spirid ná púca gan fios a chúise aige féin": bíonn cúis lé gach nidh agus is ag an té go ngoilleann rud is fearr do bhíonn. Oidhche chómh dorcha lé tóin an phúca do b'eadh í, piardálaidhe maith a mheabhróchadh roimis: chómh dorcha is do b'fhéidir do bheith. An rud do scrígheann an púca léigheann sé féin é: an rud go mbíonn lámh dhuine féin leis, is é an duine féin is fearr chun a mhínighthe. Lé duine a bheadh ró-fhiosrach, abair, "cad dubhairt an púca sa tor?" – "beagán dá chúram bíodh ort!" .i. is cuma dhuit-se ná d'éinne eile. Aithris scéal púcaidhe dhúinn: ag trácht ar na daoinibh maithe. D'árduigh an Púca Bán leis trís na seacht bparróistidheachaibh é ar cosanáirde: capall sidhe. Fear mór púcaidhe thusa .i. a chidheann iad nó a bhíos ag trácht ortha. Poll an Phúca, Gleann na bPúcaidhe: áiteanna doimhne. Nuair bhí na bróga ar iarraidh is na gárdaidhe ghá lorg, amhras ar chuid mhór, do bhí gach éinne ag cur an phúca ó n-a dhoras féin: ghá shaoradh féin ó mhilleán. Ná fan suidhte annsan id phúca ar feadh na hoidhche, ná labharfá focal éigin: mar bheadh spirid bhalbh a bheadh amuigh san oidhche. Gheóbhadh sé thart sa bhóthar, is cuma an phúca air: cuma dhaibhceach, gan focal cainnte as. Tugtar púca ar dhuine dorcha, neamh-chainnteach. Púca: bás iascaigh níos mó 'ná bád rámhaidheachta, is seól uirthi. Púca an duibh-ré: Liam na Lasóige. Ag leanamhaint púca an duibh-ré: dóchas go gclaoidhtear leis trí gach anródh is gan aon tairbhe as. É suidhte annsúd ar an gclaidhe, a cheann fé aige, ina phúca: duine go mbeadh cuma dhaibhceach, ghruamdha air. Ní ina phúca beidh súd ina measc: balbh: gan focal den gcainnt as.

púcamhail: ar nós an phúca, iomadamhail fé phúcaidhibh. Bíonn faitchíos ar scata gabháil ann deireannach san oidhche, tá sé ráidhte gur mám púcamhail é: go mbíd lé

feicsint ann. Oidhche mhór phúcamhail an oidhche anocht, tá sí an-dhorcha: beid lasmuigh. Poll mór, dorcha go bhfuil cuma phúcamhail air: go ngnáthóchaidís é.

púcán: *f.1.* máilín, mealbhóg, tiachán, bád iascaigh. Ag cur 'on phúcán lán: d'iarraidh breis is dóthain d'itheadh. D'imthigh sé nuair bhí a phúcán lán: a bholg nó nuair bhí rud ina mhála. Púcán olna: mála olna. Síos suas ar nós púcán na dtonn: éadtromán ar barr tuinne: rúiseach, corruightheach.

puchán: *f.1.* at nó pochóid go mbeadh othar innte. Rud an-bhreóidhte seadh na pucháin: galar tógálach go n-atann faireóga (seithre) na scórnaighe ag ball eile an chuirp leis.

púcóg: *b.2.* púicín, clúdach ar na súilibh. Bó bhradach gurbh éigin púcóg do chur uirthi: clár ar crochadh lé n-a hadharcaibh ag scáthadh a súl, go minic sean-phaca garbh. Déarfainn go bhfeicfeá cá bhfuilir ag gabháil, ní púcóg atá ar na súilibh agat: púicín nó aon chlúdach a chuirfeadh duine amudha.

puchóid: *b.2.* mar bheadh neascóid bheag ar an gcneas. Brat puchóididhe ar mo mhuineál go bhfuil cor aca ann. Tá puchóid ort, leig di craobh do theacht uirthi, ná teangmhuigh léi: ballscóidín.

púc-shúil: *b.* (*–shúl*) súil shúighte. Na púc-shúile atá aige budh dhóigh leat gurb olc do bheadh air chun duine: súile dorcha siar ina cheann.

púc-shúileach: *a.* go bpúc-shúilibh. Duine púc-shúileach spéaclach ná feadraís radharc ionta nó asta: súile súighte is gloinidhe ortha.

púc-shúilighe: *b.4.* malla-radharc. Púc-shúilighe éigin ort-sa ná feiceann an rud atá os do choinne amach, dá mbeadh cainnt aige do labharfadh sé: ceal cruinnis ar na súilibh. An phúc-shúilighe atá tímcheall na gcártaidhe: ag cur na súl i ngiorracht dóibh is ghá mbreithniughadh mar duine gearr-radharcach.

púdar: *f.1.* aon subtaint tirim mion-bhrúighte, brigh áirighthe leis. Púdar gunna: smúit cogus i bhfuirm púdair. Adharc phúdair: a bheadh ag fiadhaidhe. Púdar aghtha: púdar chun na haghtha do mhaisiughadh. Mara bhfuil a dóthain púdair ina cúl: púdar chun an fhuilt do mhaisiughadh. "Is go bhfuil púdar go tiugh dá shíor-shéideadh linn is go mbeimís araon múchta": piléir. Tá deireadh a chuid púdair caithte: níl aon iarracht eile ann, sin a bhféadfadh sé a dhéanamh. Is iad atá ag tabhairt púdair dá chéile an aimsir seo: ag troid a chéile ó thalamh. Mín bhreágh atá chómh mín le púdar: chómh mín is do b'fhéidir do bheith. Tá an mhóin chómh tirim scolbach san go bhfuil sí ag imtheacht ina púdar ar aon ionfairt a gheibheann sí: ina mion-bhlodhtachaibh. "Agus do rug sé ar an laogh a rinneadar agus do loisc san dteine é, agus mheil sé ina phúdar é, agus do scaip ar an uisce é, agus thug ar chlainn Iosrael ól de" (Ecs. XXXII. 20): dhein sé chómh mín lé smúit é. "Cé hé seo a thig as an bhfásaigh amhail uaithnidhe deataigh, deaghbholadh na mirre is na túise uaidh, agus uile-phúdar an cheannaidhe" (Cantaic Sholaimh III. 6): gach aon chóiriughadh i bhfuirm púdair chun maisighthe na gné. Na bóithre ina bpúdar leis an

dtriomach go léir: lán de smúit. Beidh meisneach na luaithe aige (teinteáin), fan go bhfaghaidh sé boladh an phúdair: blaiseadh den gcogadh.

púdartha: *a. n-dh.* púdar bheith caithte fés na ceannaghthaibh, an folt, géaga, etc. Is í a bhíonn go púdartha sara ngéibheann sí amach, geóbhfá mus uaithi céad slat ó bhaile.

pudhair: (**pudhar**) *b.5.* (*–dhrach*) díth, máchail, dochar trom, cailleamhaint; uabhar, motháilt easonóra. Pudhair mhór dá fear is dá leanbhaidhibh an bhean so do hadhlacadh indiu: dochar mór. Pudhair bheag seanduine seachas duine óg: ní dochar ná cúis mhór bhróin a bhás. A Mhairín, a dhian-ghrádh, is me d'fhágais fé phudhair: fé bhrón agus athtuirse. "D'imthigh do dharadha i bhfarraige uaim" – "mo phudhair é": mo bhrón é! is cuma liom. Tháinig pudhair air nuair cuireadh in iúil air ná raibh air ach sean-bhalcaisidhe: uabhar: goilleamhaint ar an mianach ann. Beidh pudhair choidhche orm anois gur árduigh an bás uaim an bhean dob annsan liom: brón is tuirse croidhe. Ní pudhair leis sin iomard do thuiteam ar éinne: ní haon haithreachas.

pudhrach: *a.* dítheach, dochaiseach, máchaileach. Is pudhrach an chailleamhaint d'aon fhear máthair a leanbh d'fhagháil bháis air: dochrach. Cath pudhrach don dá thaobh dob eadh é, marbhuigheadh na mílte ortha: dochraideach, dochaiseach. Budh phudhraighe dhóibh a máthair 'ná a n-athair: budh mhó an dochar dóibh dá bhfaigheadh bás.

púdrach: *a.* lán de phúdar; fé phúdar; leitheadach, tóstalach. Toisc a folt do bheith púdrach atá an boladh breágh san uaidh. Is í a bhíonn go púdrach nuair ghaibheann sí amach thar baile: tóstalach aiste féin.

púdruighim: *b.a.* $_7$ *n-a.* cuirim púdar fé, mionuighim. Ní maith léi go bpúdruigheann a hinghean í féin toisc ná deineadh sí féin sin nuair bhí sí óg. Nár bh'é an diabhal é, do phúdruigh sí gloine agus chuir ar an mbiadh chun a cleamhna í chun a mharbhtha: mhionuigh go mín. Púdruigh! sara ngluaisir: cuir púdar féd t-aghaidh, etc.

púic: *b.2.* dallacán, tlacht, cochall; driuch, brón, daibhceach, coimhtheach, gruaim. B'éigean púic do chur ar an mbuin bhradaigh chun a coimeádta ó dhul i bhfoghail: clúdach ar a súilibh. Cuireadh stráice éadaigh ina phúic tímcheall a shúl chun ná haithneóchadh sé na sráideanna go raibh sé ag gabháil tríotha: éadach i bhfolach a shúl. Dá mbuaileadh sé liom dathad uair sa ló ní fheaca riamh air ach púic: cuma dhorcha, ghruamdha ar a aghaidh. Dá gcuirfeá púic ort féin chuige ghoilfeadh an peata "cumaidhe" do chur ar an aghaidh. Ní deacair púic do chur air, geallaim duit, ná cuir aon nath ann: gruaim: mío-ghnaoi. Ná bíodh aon phúic ort, labhair leis na daoinibh: gruaim: dochma roim chonbharsáid. An phúic atá ar an dtarbh, ní dóigh liom gur maith an dóigh dul ina ghoire: druich malluighthe air tímcheall a shúl: ruic ina cheann lé droich-mhianach. Chuireas púic orm féin chuige: chonnluigheas m'fhabhraidhe is chuireas cuma stuacach orm féin chun mío-shásaimh do chur in iúil. Tá púic air nár leigeadh ag imirt é: mío-ghnaoi: gruaim lé daoinibh.

púiceach: *a.* gruamdha, daibhceach, coimhtheach, dorránach, goirgeach. Téigheann díom dul amach as an nduine céadna in ao'chor, lá geal-gháireach, ár n-a bhaireach púiceach

gan focal as, budh dhóigh leat gur marbh a bhí ar bhain leis: gruamdha, coimhtheach, dochmamhail. Tarbh púiceach: go mbíonn cuma an droich-mhianaigh ar a éadan is tímcheall a shúl. Bó phúiceach: bó go mbeadh clúdach súl uirthi.

púicearlach: *f.1.* duine gruamdha, dochmamhail, mío-ghnaoidheamhail. Is beag gnóth ag an bpúicearlach de shiopa, ná faghfá focal den gcainnt uaidh: duine daibhceach gur dhóigh leat go mbeadh in earrad leis an gcinidh daonna. Im shuidhe annsúd i gcarbad na traenach ar thurus mór fada clipighthe ge púicearlach os mo choinne sall ná fuaireas focal den gcainnt as: duine duairc, dorcha. Ní haon chuideachta d'éinne an púicearlach san: dúra dara gan chainnt.

puicide: *f.4.* áitín, poillín. Cad bhí ag ár sínsir, nó connus bheadh lé dochaideach na dtighearnaidhe talmhan ach puicididhe tighthe: puill shuaracha mar loga cómhnaidhthe. Puicide ná cuirfinn caoire ann: bothán millte.

púicighim: *b. n-a.* cuirim cumaidhe orm féin, bagraim. Níor dhein sé leis an leanbh ach gur phúicigh sé chuige is gur chrom seisean ar lógóireacht: chuir sé cumaidhe (aghaidh chrosta) air féin: connlughadh fabhraidhe is breill pus, etc. Púicigheann an tarbh san chugham go ró-mhinic, ní thaithnigheann a dhéachtaidhe liom: cuireann cuma dhaibhceach ar a cheann mar bheadh ar tí ionnsaidhthe.

púiciughadh: *f.* (*-uighthe*) do chur aghtha gruamdha, bagarthaigh, mío-ghnaoidheamhla (ar); cuma stuacach, channtlach. Ar thugais fé ndeara an púiciughadh air chómh luath agus chuireamair an doras isteach dinn: an chuma smáilceach míofháilteamhail a tháinig air. Dubhart liom féin gur bh'fholláine dhom bheith in aon áit eile 'ná ann nuair chonnac ag púiciughadh é: cuma stuacach, choimhtheach ag teacht air. Tugaim fé ndeara ag púiciughadh chughat é: cuma mío-shásta, dhubh, dhroich-mhianaigh ag teacht air. I gcaitheamh na cainnte chrom sé ar phúiciughadh is ní fhreagróchadh na ceisteanna ró-éascaidh: cuma dhaibhceach, neamh-éascaidh chun labhartha.

púicín: *f.4.* botháinín, cródh beag caorach nó muc, "cruiceóg" tighe. Oscail isteach an doras is ná déin púicín den dtigh: áit mhuchta, dhorcha. Dá mbeadh sé tógtha in áit oscailte ní bheadh sé ina phúicín thíos i bpoll mar tá: tigh múchta. Saoir iongtacha dob eadh iad is na púicínidhe sin go gceann cruinn do thógaint tirim gan mairtéal: tighthe beaga go ndéanamh cruiceóige ortha. Púicín tighe: tigh gan solas, gan aer.

púicín: *f.4.* máilín, mealbhóigín, tlacht, cochall, folachán, pusachán, meang. Nuair fhuaduigheadar i ngluaisteán é chuireadar púicín (ar a shúilibh) air chun a dhallta ar an mbóthar: clúdach, folach. Nách é mo sheanduine a chuir an púicín uirthi, bean bhreágh, óg, shaidhbhir, is í ghá phósadh: dallamalóg: mealladh: cur amudha. Púicín draoidheachta air ná himtheóchadh faic go deó air dá gcailltí an saoghal: cosaint iongtach ó iomard. Ná tuig go bhféadfá aon phúicín do chur orm-sa go gceannóchainn an t-ainmhidhe lochtach san uait: go gcuirfeá aon rud ar mo shúilibh a bhainfeadh mo radharc díom: go meallfá me. Na leanbhaidhe ag súgradh, is cluiche púicín aca: go mbíonn folach ar shúilibh dhuine is é d'iarraidh teacht suas lé duine áirighthe agus i rith na feadha an chuid eile ghá ionfairt is ghá shuaineáil. Ní puicínidhe atá ar do shúilibh ná go bhféachfá rómhat is gan

bheith ag stroilleamhaint: tlácht: clúdach: cochall. Púicín ar gach rinnceóir chun a n-aithne do cheilt ar a chéile: folach súl.

púicirliún: *f.4.* púiceachán; duine codramánta, stuacach. Púicirliún fear an tighe ann is ní fhéadfainn fanacht níos sia ar lóistín aca, giorraisc nuair labharfá leis, is é ag sior-shrónadghail ar do chúram: duine gan béas: ullfartach duine. An triúr púicirliún is mó a bhí i gcuideachtain éinne riamh, cuma an doichill ortha, is nuair labharfaidís gan aca ach gruthghail na muc. Púicirliún go mbeadh do shaoghal id dhorn agat d'iarraidh aire do thabhairt duit féin air, é ag faire ar gach cor dá gcuirfeá díot: cladhaire dubh.

puidheasc: *f.1.* úscadh (súscadh) uisce; uisce ag imtheacht ina streall, nó mar bheadh ag teacht as scárdaire. Rudaí boga mara, ná fuil a n-ainmeacha agam, ag fás ar na clochaibh go dtagann puidheasc asta nuair sataltar ortha: uisce ina streall ghlórach asta. Puidheasc uisce ar fuaid an ghuirt ar fad: é ag fúscadh fén satailt.

puilín: *f.4.* ceann des na sé príomh-chómhachtaibh ceárdamhla, eadhon, roth bheag, fheirighthe i mbloc trí n-a dtairngtear téad; slabhradh nó córda, chun rud trom do thógaint, a athruigheas treó na gluaiseachta, etc. Connus gheibhtí meabhair de n-a mbíodh de phuilínidhibh ar áthraighibh seóil?: iad d'oibriughadh. Téigheadh sé is a chuid gothaidhe in ainm puilínidhe an diabhail, níl tor madra agam-sa air: bíodh an diabhal is deáibreacha an diabhail aige. D'fhógair sé in ainm phuilínidhe an diabhail me: d'fhógair sé orm mo dhícheall mór do dhéanamh, ná raibh beann ar bith aige orm. Imthighthe in ainm phuilín an diabhail ar fad lé déidheannaighe annsan ag ól: imthighthe chun an donais.

puillillín: *intriath.* éigheamh amhgair, callán, glaodhach. Puillillín! cad tá ort go bhfuilir ag gol? Puillillín! bhuailis san órdóig me: mo dhiachair. Gach aon phuillillín aice ar uaigh a máthar: béiceach is lógóireacht. Puillillín! tá mo chárta áluinn sciobtha agat: fairír! Puillillín! goirteóchair na fir: a chreach é, stad! Eisean ag imtheacht lé fiar damhaigh, mise is gach aon phuillillín agam go stadfadh se: scread, éigheamh air fóilleachtaint. D'imthigh an puillillín ar fuaid an bhaile go raibh an bannc sladuighthe: an t-éigheamh go raibh rud bun os cionn tárluighthe. "Do theip ort, b'fhéidir ná raibh a fhios agat é" – "puillillín!": á! mo chreach é. Beidh puillillín ar an mbaile nuair shroichfidh an droichscéal é: olagón.

puinn: *a. n-dh.* blúire, dada, mórán, cuid mhaith. Gan tobac puinn an aimsir ghannchúiseach so ar nós an tsaoghail mhór: ar bheagán de. Duine gan puinn céille a imtheóchadh ag feamhgail lá broideamhail fóghmhair is a chuid d'fhágaint ar leathadh an bháin: gan aon luid di. An bhfuil puinn aimsire ó chonnaicís go déidheannach iad?: cad é an méid? An té go mbeadh puinn aige budh cheart do roinnt leis an té a bheadh ar chaol-chuid: oiread agus dhéanfadh a dhóthain go maith. Déarfainn ar an gcrot atá air ná fuil puinn aige .i. é do bheith dealbh. Seachain an duine ná labhrann puinn: a bhíos ciúin. Ní ró-mhaith an cómhartha air ná codlann sé puinn: cuid mhaith. Níl puinn d'aonnidh anois agam, sin í fírinne an scéil duit: táim an-dhealbh: lomuighthe. Ná tabhair puinn do, bheadh an iomad teasbhaigh air: beagán díreach. Níl puinn ar iasc anois: luach beag. Éist dom thu, níl puinn ort chun bheith ag gearán: gortughadh, máchail. Theich sé as an dtigh

is gan puinn uime, lé heagla na bpléascán: gan clúid éadaigh air. Daoine dob eadh iad ná raibh puinn den tséan riamh ortha: mórán áidh, ratha. Déarfainn ar a neimh-theinne a bhí an mála ná raibh puinn den stéan tar éis an lae aca: gur seilg bheag a bhí aca. Puinn den rath gan do bheith ortha a ghuidh sí de ló is d'oidhche ortha .i. thug sí a mallacht dóibh. Dá mbeadh puinn den gceann orm-sa is me ag dul ar scoil ní bheinn chómh dall dorcha is táim anois: aon bheagán incheann. Is me ná fuair puinn den suaimhneas, gach neach mar thigeadh ghom ionfairt is ghom shuaineáil: níor leigeadh ar mo bhuille liom. An bhfuil sé puinn fara bliadhain ó d'éag sé?: mórán aimsire. Nílim puinn romhat, tá deabhadh déanta ged chosaibh: mórán aimsire nó achar. Ní mór ná gurb ionann iad, níl puinn eatartha: mórán deifridheachta. Ní rabhas puinn ar meisce: ní mór an mheisce a bhí orm. Níl puinn aca is fearr 'ná me, is ní hag maoidheamh atáim: mórán den gcoitchiantacht. Níl puinn maitheasa air: biseach ó bhreóidhtigh. Ach níl puinn maitheasa ann: ní mór an bhrigh é nó an áis. Dá mbeadh puinn cúraim eile ort ní bheifeá ag feamghail tímcheall mar sin: aon rud eile lé déanamh agat. Ar cuireadh puinn? – carcar, príosún, fíneáil. Ní bhím ann puinn anois 'e bhreis air mar bhínn: go ró-mhinic. Mo thuairm ná fuil puinn laochais air tar éis an lae: mórán maoidhte aige as féin.

puins: *b.2.* deoch fuar nó te déanta de bhiotáille, uisce nó bainne, agus liamóit, spíosra agus siúicre; sa tsaoghal atá anois ann beathuisce, uisce te, liamóit is siúicre. Beidh puins anocht aca: mórán dighe. B'fhearr liom ina phuins é 'ná as an sileadh.

púint: *b.2.* an ceann a bhíos ar thairnge nó ar bhiorán. D'imthigh an phúint leis an gcaitheamh de thairngidhibh mo bhróg is d'imthigh an bonn: an cnuga beag. Oiread púint bioráin de phuchóid a bhí ar a mhuineál, nár ghabhaidh Dia aige ná go scríobfadh sé í: puchóidín bíognach. Tairng púint air: cuir ceann air.

puirt: *b.2.* ainm d'fhear bheag, ghasta, thóstalach. Budh mhaith an rinnceóir an puirt: leas-ainm. Budh dheas an fear an puirt: fear gasta, grinn.

puirtidhe: *f.4.* duine nó rud gleóidhte, taithneamhach; bréagán. Ná goil anois a mhaoinín (bhuidhinín), féach an puirtidhe gleóidhte do cheannuigh do mham duit: bréagán. Ní gábhadh dhi puinn measa do bheith aice uirthi féin, ní mór an puirtidhe í: ailleagán. Puirtidhe deas, gearrchaile seadh í: mar bheadh breagán. An cuimhin leat an puirtidhe?: fear glan, meónamhail, béasamhail go raibh an ainm sin air. Teasbáin do phuirtidhe dhúinn: do phéac.

puirtín: *f.4.* port beag; fonn beag, gearr. Shuidhis ar phuirtín duibhche ag amharc na dtonn ag leaghadh ar an dtráigh: túrtóg bheag. Níor deacair dul 'on díg ann ní raibh ach puirtín ar ghruadh an bhóthair: port beag: árdáinín. Ní haon cheóltóir mise ná nílim ghá éileamh gurb eadh, níl agam ach puirtín no dhó: fuinn bheaga.

puirtínteacht: *b.3.* déadadh íseal fonn. Dá óige é bíonn sé d'iarraidh bheith ag puirtínteacht: d'iarraidh bheith ag gabháil fonn beag.

puis-bhean: *b.* (*-mhná*) cearnóg (mhná). Nár mhaoidhidh Dia uirthi siubhal sa bhrothal so, an phuis-bhean san go bhfuil feóil ar crith uirthi: bean mhortalach, fheólmhar.

puisín: *f.4.* piscín, caitín. "Puiscín a mhabha mhabha dá mbíodh an chíor agam chíorfainn do cheann" (rannaidheacht leanbh).

puisín: *f.4.* pus beag. An puisín atá uirthi budh dhóigh leat gur béal ballaigh é!!!: béilín beag cruinnighthe. Ní bhuailfeadh an breac a phuisín ar an mbaoite: a bhéal beag. Puisín gamhna: pusachán: cochall beag chun a chosctha ar shalachar do thógaint.

puithéidh: *f. n-dh.* glam mhagaidh, ceap magaidh. Chuireadar glan as a mheabhair é, fear tógálach a chuireadh nath ins go haonnidh. Puithéidh ge garsún ar an mbaile fé: gáir fonmhóid. Thógadar puithéidh fé nuair oscail sé a bhéal ag moladh Shasana: gáir mhagaidh. Má thugair aon áird ortha déanfaid puithéidh díot: ceap magaidh ar fad.

puithín: *f.4.* puth bheag, leoithne éadtrom, smúiteáinín deataigh, ceóidh, etc. Fuaireas puithín dá anáil, is ní glas do bhí sé: boladh beag. Dar linn is sinn óg dá séidfeá puithín i gcluais éin a bheadh leath-phréachta leis an bhfuacht go mothallóchadh sé: séideadh lag anála. An long ina staic an ré ina sac is gan puithín gaoithe ann, nár chiúin an uain í. B'fhéidir, agus níl air ach b'fhéidir, go dtiocfadh an teine chúiche féin, tá puithín ag éirghe aiste: rianán deataigh. Druididh siar uaidh féachaint an aithbheódhfadh sé – scaoilidh puithín aeir chuige: ádhbhairín éigin. Chómh lag san anois go leagfadh an phuithín is lugha det anáil é: séideadh beag.

puithíneach: *a.* croidhearg, dearg deagh-shláinteamhail. Iad siúd i mbun na gcnoc, is iad na fir phuithíneacha iad, cuma an iarainn le cruadhacht ortha: sláinteamhail, fuinneamhail. Is é a thaidhbhsigh go puithíneach dom ag aifreann an Domhnaigh fé n-a chulaith bhreágh éadaigh: gan lag ná lom ann: deaigh-fhéachain, deaghshláinteach.

puithíneach: *f.1.* duine sláinteamhail, láidir. Puithíneach mná go bhfuil oighear a beatha innte: bean fhuinneamhail. Puithíneach cailín óig, diongmháil aon fhir de mhnaoi: cailín slachtmhar, sláinteamhail.

púits: *b.2.* sparán, mealbhóg phóca. Oscail an púits!: caith beagán ded chuid airgid orainn. Mór an iongadh liom-sa mara bhfuil púits aige dhe ar ar thuill sé is a luighead do chaith sé: lán sparáin. Púits mada ruaidh: an clúdach go mbíonn eochair na bhfíogach ann. Nách an phúits dhuine é!: glógarsach!!! mór, mortluighthe, bog-bholgach.

pulcadh: *f.* (*-ctha*) fóirlíonadh, dingeadh (trí). An tigh ag pulcadh lé daoinibh: ag líonadh ó chúil frigh. An biadh ag pulcadh aníos aige leis an méid d'ith sé: ag teannadh tríd an scórnaigh. Scadán dá pulcadh i soithidhibh lé cur thar lear: dá ndingeadh go cúramach, aireach. Uisce ag pulcadh tríd an ngóilín lé neart na farraige lasmuigh: é ag teacht tolgach. Ag pulcadh na fuinneóige briste le tuighe chun na síne do choimeád amach: sáthadh go docht.

pulcaim: *b.a.* dingim, brughaim, teanntuighim. Pulcann an t-uisce isteach fé íochtar an dorais nuair bhíonn gaoth leis: sáthadh a shlighe roimis. Dá mhéid a phulcfair an fheóil ní raghaidh sí 'on tsoitheach: a dhingfir agus a shocróchair go cúramach.

pulcuighthe: *a.r.* dingthe, brúighte, pacálta. An tigh pulcuighthe ó chúil frigh lé daoinibh, neach eile ní bhfaghadh slighe ann: fóirlíonta. Gach aon traen pulcuighthe lé saighdiúiridhibh gonta ag teacht ó fhód an chatha: lán go smig: gan slighe do n-a thuilleadh. A cheann pulcuighthe lé léigheann: oiread bailighthe isteach ann is do b'fhéidir leis d'iomchar. Isteach ná amach ní fhéadfadh éinne gabháil bhí an oiread san pulcuighthe sa doras: bailighthe, cruinnighthe dlúth ar a chéile. Chodail sé ar a chasóig pulcuighthe fé n-a cheann: fillte, casta ar a chéile.

púnáiste: *f.4.* feadhmanas in aghaidh, i gcúiteamh cíosa. Tabharfad lá púnáiste dhuit as an dtalamh scóir do thugais dom: lá cúitimh oibre. Tá sé déanta agam, agus ní lém thoil é, púnáiste cheart bheith ag obair do dhuine eile gan págh gan punann: cúram a déintear lé dochma ceart go mbíonn saghas éigin buannachta ag dul leis. Níl an púnáiste díolta fós agam leis, thug sé seachtmhain oibre dhom is ní bhfuair sé faic ina choinnibh: cómhardughadh. Bain amach do phúnáiste: éiligh do cheart: an bhuannacht nó an cómhardughadh atá amuigh aige.

punann: *b.2.* osclán mór léas is gráine arbhair fé chuibhreach. Ag obair gan págh gan punann: in aisce. Thugadar bualadh na punainne dá chéile: snoigheadar amach a chéile ó bheith ag gabháil stealla ar a chéile (ón mbualadh gheibheann an léas chun an ghráine do scaramhaint léi do thagann an samhlughadh). "Óir féachaidh do bhíomair ag ceangal phunann ar an machaire, agus féachaidh! d'éirigh mo phunann-sa agus do sheas suas go díreach; agus féachaidh, do bhíodar bhur bpunanna-sa ina seasamh ina tímcheall agus do rinneadar umhla dom phunainn-se" (Gen. XXXVII. 7). "An uair bhainfeas tu t'fhóghmhar ar an machaire agus dhearmhadas tu punann ní rachfaidh tú airís ar a ceann, beid sin don gcoimhtheach, ag an ndíleachtaidhe agus ag an mbaintreabhaigh, chor go mbeannuighidh do Thighearna Dia thu in uile obair do lámh" (Deut. XXIV. 19).

púnt: *f.1.* tómhas péasa; an mana caighdeáin meáchtana atá againn; an mana caighdeáin airgid atá, a chómh fiche scilling. Ní cás duit maoidheamh, a bharránaigh, tá na púint sa bhannc agat: níl ceal airgid ort. "Púnt indiu is púnt ambáireach", adeir fear an chnáimhseáin. A bhuidhe lé Dia, ní fheaca an lá ná raibh púnt im cheirt: go raibh ceal airgid orm. Lucht déanta na bpúnt stóir: lucht taisce airgid. Cad tá i bpúnt sa tsaoghal so?: ní mór is féidir d'fhagháil air. Trí a cúig déag an earra san .i. trí púint is chúig scillinge déag. Páipéar dá phúint (siúicre, etc.) .i. a choingbheóchadh an mhéadhachtaint sin. Fé bhun púint ní bhfaghfá é: gan é in iomláin. Gach aon rud chun an phúint: chun airgid do dhéanamh: cnuaisciúnach, baileach. "Breith na scillinge cailleamhaint an phúint": cnuaisciúnach ar rudaíbh suaracha laimhthighiseach ar rudaíbh tábhachtacha. "Annsan do ghlac Muire púnt d'ola náird fhírinnigh ró-uasail, agus do ung sí cosa Íosa, agus do thiormuigh sí a chosa lé n-a folt, agus do bhí an teach ar n-a líonadh lé boladh cumhra na hola san" (Eóin XII. 3). Cuir an scilling sin i gceann púint is ná caith í: i dtaisce chun púint do bhailiughadh.

púntán: *f.1.* cloch throm, chruinn; iomchar plumba. Cuir púntán luaidhe ar do dharadha a bhéarfaidh go tóin puill é: luadh leachta agus í cúmtha annsan ina chnapán cruinn. Rugadh annsúd ar an mbinnse an púntán cloiche do caitheadh liom: cnapán cruinn.

purgadóireacht: *p.3.* aiste nó áird na bhfíreán a fuair bás ar stad na ngrás(t) ach go mbíonn ortha tamall sealadach do thabhairt i gcúiteamh peacaidhe so-loghtha nár thuill damaint shíorraidhe; an áit ina nglantar a leithéididhe de pheacaidhibh; áit nó aiste anróidh sealadaigh ar bith a dhéanfadh cúis maithte nó glanta; ifreann féin. Dia go bhfuasclaidh na hanamacha atá i bpurgadóireacht: atá fós ag cúiteamh a bpeacaidhe trí fhulang. Má tá purgadóireacht ar éinne tá sí ort-sa suidhte annsan ar feadh an lae is na hoidhche ag scríobh 'sag síor-scríobh: pionós cuirp is incheann. Má chúitigheann neach ar an saoghal so a phurgadóireacht, tá sí cúitighthe aige má dheineann gabháil trí anródh an gnóth dho: buadhairt is duaidhnéis. Gheobhair purgadóireacht ón gcois sin mara bhféachtar chúiche, tá scáil lé tinnidheacht is at innti: fuilngeóchair lé pian mar gheall uirthi. Ní raibh mo dhóthain purgadóireachta fachta cheana agam gan tusa, leis, a bheith chugham: anródh is anacair ó dhaoinibh. Mo ghradhain iad is iad atá ag gabháil tríd an bpurgadóireacht ar mhachaire an chatha: ifreann ceart ar an dtalamh so. An phurgadóireacht a gheibheann duine d'iarraidh maireachtana i saoghal mar é seo: an t-anródh dian.

purgadóiridhe: *f.4.* anam i bpurgadóireacht; duine fé anródh throm. Na purgadóiridhthe bochta, cuimhnighimís is guidhimís ortha anocht. An lánamha san ná tagann lag ortha ach ag síor-achrann, is purgadóiridhthe cearta iad: beirt anróidh is aindeise.

purgóid: (**prugóid**) *b.2.* cogus glanta; glanadh an taoibh istigh. Purgóid cheart seadh an deoch san lé n-a holcas, ní moill aice rith thríot: deoch scaoilteach. "Cad dob áil leat ag cainnt mar sin, ná raibh aithne agam ar fhear a óladh dhá bhuidéal beathuisce sa ló!" – "nár mhaoidhidh Dia a phurgóid air": níor cúis formaid d'éinne é. Fuaireas purgóid uatha an lá chuireadar ar scoil oidhche me: nidh nár theastuigh uaim agus dob fhuath liom. Tá sé an-chruaidh ina ghoile, teastuigheann purgóid uaidh: deoch scaoilteach.

purgóideach: (**prugóideach**) *a.* scaoilteach, glantach. An mhoirt leanna duibhe sin is í an deoch purgóideach í: a rithfeadh tríot gan ró-mhoill.

purra: *f.4.* sprochaid, earball, dual. An purra atá thiar air is an druinn chun cinn: a thón uaidh siar is a cheann roimis amach. Purra ar an gcrúsca: béilín. Purra beag earbaill ar choinín: sciota beag.

pus: *f.1.* an beól íochtarach nó uachtarach; an beól; béal bolgach, gruaim; breall; driuch béil a chuireas an míoshásamh in iúil. Nách gortach an diabhal tighe iad, blaiseadh mo phuis ní bhfuaireas uatha: oiread is chuirfinn im bhéal. Níor bhogadar a bpus faid is bhíos istigh: smiog níor labhradar. Ná bog do phus le héinne beó air: ná tairng chughat i mball ná i mbeárnain é. Leig sé croimbéal ar phus (uachtair): an chuid den aghaidh idir an gcoininn is an béal. É do bhualadh sa phus atá tuillte gen bhfeille-bhleáigeárd: sa bhéal. Fuairis an méid úd sa phus: go docht, gonta. Ar a phus is fearr é: cainnt is mó agus is fearr atá aige. Pus níor bhuail an bhó ar an dtalamh lé seachtmhain: níor ith sí féar. Leabharuighim duit nár osclas mo phus ort ina thaobh: nár labhras gíocs ort. Rug sé an pheil ó n-a phus amach leis: bhain sé an imirt de lé barr a fheabhasa. Amach ód phus é: díreach ód dhícheall. Cad n-a thaobh go mbír ag dul isteach ina phus?: tláith ró-lághach

leis. Bhrisfinn do phus an lá is fearr do bhís: do gheobhainn pic ort. Caith sop fé phus an chapaill a choingbheóchaidh socair é: fé n-a cheann: tabhairt lé n-itheadh. Suas léd phus a déarfainn-se é is ní laistiar díot: os do chómhair amach go breágh, galánta. Dún do phus anois air, is ná leig do rún lé neach: cuir snaidhm ar do bhéal ina thaobh. Thar mo phus nár ghabhaidh sé!: aon phioc de ní íosfad ná ólfad. An duine gan pus tusa ná fuilir ag cainnt?: gan béal: úrlabhra. Stathadh an phíp as mo phus: as mo bhéal. Dá bhfeiceá an bheirt bhan i dtigh Dé, a bhfillteóga aniar ar a gceann aca is iad pus ar phus: ag comh-cainnt ós íseal. Greim de ní dheaghaidh im phus: níor itheas. Is gearr ar an éitheach gluaiseacht ó phus go pus: ó bhéal go béal. Ar son Dé tabhair dom fliuchadh mo phuis, táim spallta: oiread is scarfadh an triomacht leo. Tá anródh go pus orm, cad dhéanfad in ao'chor?: breis is mo dhóthain de orm. Gaibhim tharais an bpus aige gach lá gan pioc eagla orm roim an mbuailim sciath: go hathchomair do. Greadadh id phus-sa ach go háirighthe ná héisteóchadh maran ort atá an chainnt i lár an domhain uile: máchail ar an eannach bog ó bhreis teasa nó buailte. Chuirfinn ceangailte id phus é dá mbuailfeá barra méire air: bhuailfinn go docht sa bhéal thu leis. Riamh ó shoin níor chuir sé a phus thar dhoras: ní tháinig sé isteach chughainn. An lá chómh holc san ná féadfá do phus do chur amach: corraighe thar tairsing. Níor dheineas ach an ghloine do chur ar mo phus: blaiseadh beag do bhaint as a luchtlach. Ná buail barra do phuis air!: ná teangmháil lé n-a itheadh nó a ól. Cad a chuir an pus indiu air go bhfuil sé chómh neamhchainnteach?: gruaim. Ná tagadh aon phus ort i dtaobh na fírinne d'innsint duit: mí-shástacht. Beidh pus air nár glaodhadh air chun an róstaidh!: míchéadfadh linn. Tháinig pus is breill air nuair gabhadh tharais gan pioc d'fhagháil: cráidhteacht is tormas. Níor fiafruigheadh díom an raibh pus orm is me ar an am gcéadna ag siolagar leis an ocras: oiread is focal chun bídh ná dighe do thafant orm. Níor chuir long chogaidh lé Sasana a pus in aon chuan in Éirinn lé fada riamh: a tosach: ní tháinig ina ghoire ná ina ghaobhar. Tiocfaidh pus ar an leanbh mara bhfaghaidh a chion den milseán: breall mar bheadh ar tí guil. Níl aon chúis pus do bheith ort liom-sa mar nách me is bun le thu d'fhágaint folamh: míchéadfadh: crostacht. Tú féin is do phus ballaigh (táir): an beól íochtair iompuighthe amach mar bhíonn ar an iasc san. Ó n-a phus féin do chuala é: é féin adubhairt liom é. Anois díreach do bhíos chun an nídh céadna do rádh, do bhainis as mo phus é: as mo bhéal: bhís ró-phras dom. "Gach a bhfeiceann me bíd ag magadh fúm, sáthaid amach a bpus, croithid a gceann" (Sailm XXII. 7): cuirid breall ortha féin chugham. An pus salach atá ar mo leanbh: an béal. An pus uachtrach (uachtair) agus an pus íochtrach (íochtair) – croimbéal ar an bpus uachtair, féasóg ar an bpus íochtair. Fuaigh-se do phus ach go háirighthe agus is feárrde thu é: coimeád dúnta é. Dá gcuirteá glas ar do phus bheadh níos mó measa ort: é do choimeád ina thost. Mheallfadh sé a tharr ón seangán leis an bpus meala atá air: mílseacht is láighcheacht a bhriathar. Nuair chuirfead-sa mo phus eadraibh airís beidh sé ina phus manntach: beidh na fiacla tuitighthe asam lé haois! Níor bhuail aon bhreac a phus orainn: níor phrioc ár mbaoitidhe.

pus-: *i gcfbh.* Nadhbhóg pus-árd gur deacair a sáthadh i ngaoith: tosach péacach uirthi. A leithéid de phus aithis ní mhaireann an té eile a fhoidhneóchadh í: íde bhéil tharcuisneach. Bír pus-aindeis ag labhairt duit: tut-bhalbhacht ionat. Bean phus-áluinn: beóla aoibhne aice. Nách dóigh leat ná go bhfuil an barránach pus-aibidh go maith: tapaidh, pras fé n-a theangain. Ní fuláir nó fuair sé a dheabhasáil go maith, tá sé an-phus-atuighthe: a bheóla borrtha ó bheith ag gabháil air. Níl innte sin anois ar fad ach pus-aithrighe, aon chúiteamh

ná leór-ghnímh níl fonn air do dhéanamh: ina bhéal amháin atá an t-aithreachas. Sé bulláin pus-bhorrtha go maith ó airéir, tá galair éigin ortha: atuighthe tíos tsuas as a mbéal. Cad é an fuadar so fé dhaoinibh indiu go bhfuilid chómh pus-bhearrtha: glan, scriosta. Táim pus-bhrúighte go maith tar éis mo bhabhta bruighine: mo bheóla máchailighthe. Tá pus-bholadhghail éigin ar an gcoin tímcheall an tighe seo ag faire amais ar aon rud a bheadh ar bóiléagar: srónghail is mion-chuardach. Nách tú atá go pus-chraptha (crapuighthe) ná cuirfeá focal éigin asat: srian nó cosc cainnte. Ní thagann sé dhuit in ao'chor a bheith chomh pus-channcarach, ní subháilceach an chuideachta thu: aingciseach as an dteangain. Pus-chaol ar nós na con: soc sínte. Éiscín pus-chumhang é do dhubhán mór mar dubhán cholamóra: ná féadfadh a bhéal do leathadh go fairsing. Treabhacha ann i dtíorthaibh eile agus chun a gceana do chur in iúil dá chéile is amhlaidh dhéinid pus-chuimilt: a gcoinncínidhe do chur i gcoinnibh a chéile. Duine pus-chórach: go mbíonn béal cúmtha air. Aon fhocal níl as, ná ní féidir d'fhaghail, tá sé chómh pus-daingean is d'fhéadfadh do bheith gan fonn faisnéise. Beir pus-dóighte i ndiaidh na seandúide mara gcaithir uait í: do bheóla greaduighthe aice. Bain-se cainnt anois má fhéadair, is é atá go pus-dúr: greim ar a theangain aige. Gan aon bhaoghal tá sé pus-deónach a dhóthain, ach féach an gcóimhlíonfaidh sé a gheallamhna?: toilteanach ar a bhéal. An t-iasc pus-dúnta indiu, ragham abhaile folamh: gan fonn beartha air. An leanbh pus-dearg ó bheith ag itheadh sméar: rian dearg gen sughlach tímcheall a bheól. Capall pus-dána nár mhór béalbhach maith leis: láidir, daingean as a bhéal. Éistidh leis ag cur síos ar a ghníomharthaibh, nách pus-éachtach an fear againn é: maoidhteach as a bheartaibh. Is tú ná fuil pus-éalaing ort, bail ó Dhia ort: aon mháchail chun cainnte ar do bhéal. Bád pus-fhairsing, ní thabharfadh sí aon rámhaidheacht léi: ró-leathan as a thosach. Bhíomair pus-fhliuch go maith, níor fhágamair aon tart orainn féin: ár leór ndóthain lé n-ól againn. Breac pus-fhada an fíogach: ó chúinnidhibh a bhéil amach fada, caol. Pus-fháisc go maith é nó béarfaidh sé ar dhuine éigin: cuir ceangal docht ar a chorránaibh. Níor chaill sí riamh a glór, tá sí chómh pus-fhaobhrach is bhí sí riamh: gearradh ina teangain neamhmín. Oiread agus pus-fhliuchadh dá gcuid dighe ní bhfuaireas: an méid a bhainfeadh an blas tirim dem bhéal. Is mór go léir an pus-fhothrom atá air, ná féadfadh sé fiche focal cainnte do chur as a chéile: deabhadh is luaithbhéalaighe. Léan air nách pus-ghránda an fear é, a bhéal íochtair anuas go smig air. Táim pus-ghabhtha aca so: im chime: ar chuma nách féidir liom cor do chur díom. Cá bhfuil do phus-ghad, dá mbeadh préaslach leat ní bheifeá chómh ciúin mar taoi: an rud atá ghod chosc ar labhairt. An gamhain ag pus-ghanncáil ag lorg sine a mháthar: ag cuardach lé n-a phus. A rud phus-ghearbaigh, fan uaim amach: béal-tinn. Madra pus-iarratach ná fágann cúil sa tigh gan cuardach: do shíor ag srónghail 'sag boladhghail ar lorg bídh. Nadhbhóg pus-íseal: ró-íseal as a tosach is gan cosaint farraige innte. An garsún ró-lag ar fad chun capaill pus-láidir mar é sin do thiomáint: ceanndáine as a bhéal. Budh mhór an truagh í bheith chómh pus-leathan, tugann sé cuma ghránda uirthi: a béal bheith ag dul i bhfad siar. Táir ag cur asat fós, mhuis, níl aon phus-lagughadh ort: dísciughadh cainnte. Is neambéasach labhairt nuair bhíonn duine pus-lán: rud ina bhéal. Ná bí pus-leadhbach, tabhair aire do n-a ndéarfair: neamh-aireach i gcainnt: breilléiseach. Is pus-leamh liom í chun a pógtha: gan mílseacht ina beól. Ní pus-mhaiseamhail an óig-bhean í: níl béal córach na áluinn aice. Tuagh pus-mhaol í seo ná gearrfadh faic: an béal maol uirthi. An-thinn ar fad, me pus-mhéiscreach ag an sioc: mo bheóla scoiltighthe. Beir-se pus-mhín go maith agam-sa sara n-éireóchad díot: ciúin, so-labhartha. Is maith do theastóchadh pus-nasc uait, tá an iomad

béal-scaoilteachta ag baint leat: rud éigin chun do bhéil do choimeád dúnta. Maidrín pus-néata ina hucht gen mnaoi uasail: soc gleóidhte air. Pus-pheata ceart leinbh: ceann toghtha: a ghoilfeadh is a ghearánfadh ar a luighead cúise. Fág an capall annsan ag pus-phriocadh cois claidhe: fosaidheacht: ag greamatghail. Collach pus-reamhar: trom, tiugh as a choininn is a bhéal. Pé féile atá ionat nó ná fuil táir pus-rabairneach go maith: leagtha lé geallamhaint béil ar aon rud ar do chumas. Fear pus-ruadh: féasóg den ndath san air. Fuaireas pus-sciúirseáil ón mbáirseóig nách fearrde me go ceann i bhfad: íde shalach béil. Ná labhair chómh pus-teann choidhche airís: láidir, maoidhteach. Droich-phíp atá agam go bhfuilim pus-thinn ina dhiaidh: mo bhéal briste amach. D'imthigh cuid de réim an lae indé dhe, tá sé níos pus-tláithe indiu: níos míne, níos síbhialta. Capall pus-umhal: a fhreagróchadh don sriain go héascaidh.

pusach: *a.* go mbeólaibh móra, gruamdha, dorrdha. Ní fheadraís céaca den mbeirt aca budh phusaighe nuair heitigheadh iad: budh mhó go raibh mío-shásamh air. Cráin phusach a thóchfadh an t-úrlár duit: fad-shrónach. Mara bhfaghann sé cuid de n-a mbíonn ar siubhal bíonn sé pusach: bíonn sé smuilceach, deacair cóstáil leis. D'fhéach sé orm go cam-phusach: snaidhmeanna curtha ar a bhéal aice lé doicheall is mí-chéadfadh. Is tú ná fuil go glan-phusach, cad bhí agat dhá itheadh?: gan rian salach. Iasc cruinn-phusach an ballach: beag, corr. Leathan-phusach, reamhar-phusach, sleamhain-phusach, teann-phusach, etc. etc.

pusachán: *f.1.* béiceachán, cnáimhseánaidhe. A phusacháin, ní fheaca riamh thu gan buinneach nó buinn-leac éigin ort: duine gearántamhail, go mbeidh rud éigin samhalta nó saoghalta ag gabháil dho. An stadfaidh an pusachán leinbh sin indiu? Táim bodhar ó bheith ag éisteacht lé n-a phíp: leanbh a bhíos ag síor-ghruinghil. Pusachán inghine: gan tairbhe.

pusachán: *f.1.* clúdach béil, gobán. Pusachán ar an ngamhain ar eagla. Dá mbeadh pusachán air ní bheadh oiread cainnte aige: clúdach béil. Madra malluighthe budh cheart pusachán do bheith air: gléas mar bheadh cás déanta de ronn chun ná béarfadh sé greim. Buimpéis sean-stoca do ghamhain.

pusachán: *f.1.* leapachas éin chun nide, gráineóige. A ghleóidhte a bhíonn an nead tógtha lé pusachán: clúmh éanlaithe, bó, olann, caonach nó aon rud bog eile mar sin.

pusaidheacht: *b.3.* gruinghil, cnáimhseán is breill. Ní deacair an peata do chur chun pusaidheachta, ní mór gur ghábhadh dhuit ach teangmháil leis: chun guil is tormais do theacht air. Cá bhfuil cúis phusaidheachta agat, ná fuairis oiread le duine?: míoshásamh, gearán is tormas. Dheineas mo dhícheall duit, ná tagadh aon phusaidheacht ort: tuiteam fáthanna an bhéil chun gruamdhachta is míoshásaimh. Pusaidheacht an domhain air ná faghann oiread té is tobac is gheibheadh roim an gcogadh: foillsigheann an chuma do thagann ar fháthanna a bhéil a mhío-shástacht.

pusaire: *f.4.* cnáimhseánaidhe, duine dorrdha. Focal den gcainnt mhín ní bhfaghfá ón bpusaire diabhail sin, breall is gruaim ó mhaidean go hoidhche: duine púiceach, neamh-chainnteach: dúra dara duine. Léan ort, a phusaire, maran do-thuigseanta ataoi ná

tabharfadh freagra mín ar dhuine cneasta: duine aingciseach. Pusaire ná réidhteóchadh teas ná fuacht leis: cnáimhseálaidhe.

pusaireacht: *b.3.* doichilleacht, tormasacht, cneamhaireacht, cnáimhseálaidheacht. Is cuma liom pusaireacht ort nó díot is mór agam thu do thoil féin do thabhairt duit: míoshástacht agus a foillsiughadh. Aon rud a déarfá leis mara mbeadh chun a thola thiocfadh pusaireacht air: cuma ghruamdha. Cuir uaim an phusaireacht leis (ar) an mbiadh, ach mara bhfuilir chun é d'itheadh, éirigh as: teangmháil bheag éadtrom. Choidhche ní fhágfaidh an phusaireacht é: mío-ghnaoi is míoshástacht.

pusca: *f.4.* borradh, iogán, bolg, clog. An pusca a éirigh ar mo phluc ón dtinneas fiacaile: at. Pusca ar fhalla an tighe go bhfuil i rachtaibh tuiteam. D'éirigh puscaidhe móra ar chroiceann an leinbh mar ar loisc an t-uisce te é: builg, cluig uisce. Fágfaidh ar chaill sé ar cheannaidheacht pusca lé n-a shaoghal air: clog: rian dóighte ar a phóca ná tiocfaidh uaidh.

púscadh: *f.* (*-ctha*) mall-rith mar bheadh trí shubstaint éigin, stealladh. An t-uisce ag púscadh trím shean-bhrógaibh: ag gluaiseacht lé teannadh. Talamh go bhfuil dúilidheacht uisce ann bheadh sé ag púscadh nuair beifí ag siubhal air.

púscaim: *b.a.* $_7$ *n-a.* steallaim, fáiscim, teannaim (as). Púsc an t-othar as an gcnapán: fáisc amach: brúigh. Phúsc an t-uisce suas im bhéal bhí an áit chómh fliuch san: steall sé.

pusghail: *b.3.* gol is cneadhghail, plubghail, breallghail; peataidheacht. Tháinig sé abhaile ó scoil is é ag pusghail ghuil leis an bhfuacht go raibh dath gorm air: deóra is cneadach air. Chaitheas chuige nuair chonnac an phusghail a bhí air: cuma an ghuil ag teacht air tímcheall a bheóil is a shúl. Cuir uait do chuid pusghala anois: mío-shástacht.

pusnach: *f.1.* clúdach den bpus chun a choimeád de dheól, d'itheadh nó de bhreith ar dhaoinibh (sid é an focal is fearr). Pusnach sa bhfiréad d'fhonn ná fanfadh sa choinigéar ag itheadh na gcoinínidhe. Pusnach ar ghamhain óg chun ná tógfadh sé aon rud a ghoillfeadh air. Pusnach ar an madra malluighthe chun ná béarfadh sé ar dhaoinibh. Dá mbeadh pusnach ort b'fhearrde do theanga é .i. ní bheadh oiread cainnte agat.

puth: *b.2.* séideadh beag, lag, oban, anála; séideán (gaoithe), sinneán; leóithne beag. Ó fuair sé cogas ón ndochtúir chun na casachtaighe níor fhan puth air di: luid: níor shéid sé a anál oiread agus uair chun fuascalta d'fhagháil. Ní raibh puth as an aer, oiread agus mhúchfadh coinneal: aon leóithne beag. Chómh lag san anois dom go leagfadh puth det anáil me: séideadh beag. Oiread san ólta go leagfadh puth dá anáil thu: mór-chuid Éireann dighe. Ná cuir aon tsuim sa mhéid sin níl ann ach mar bheadh glór puithe i muga: fústar i dtaobh rud suarach. "Puth! puth!" adeireadh an máighistir nuair ná taithnigheadh rudaidhe leis. Puth puth ag an asal i gcoinnibh an chnuic leis an ualach a bhí air: ag tarrac a anál go tiugh, tapaidh. Níl ann ach bheith ag féachaint anois air, níl ann ach an phuth: an anál dheireannach. Sin teine ná cnadóchaidh, níl puth dheataigh ag teacht aiste: oiread agus shéidfeá lét anáil. Is teó aon phuth amháin den ngaoith andeas ná teinte ceap an domhain: téadhamhuigheann sí an úir chun rud do chur ag fás. An oiread san brothaill

ann ná fágfadh sé an phuth ionat: go mbainfeadh sé t'anál díot. Leighiseadh sí an craos-ghalar lé trí puthannaibh dá hanáil naoi maideanacha i ndiaidh a chéile ar céalacan: séideáin eadtroma. Níl puth ná path ionam, táim chómh traochta san: gan aon anál. "Maidhc puth" leasainm ar dhuine a bhíos ag puthaireacht. Ar mh'anam nár bhaineas puth as do phíp: oiread agus seach amháin.

puthadghail: *b.3.* séideadh anála, dubhais-tharrac anáile. "An bhfuil aon leóithne lasmuigh?" – "tá puthadghail ann di": foth-shéideadh. Beidh puthadghail ar Sheán Bhuidhe má thagann an Ghearmáin i dtalamh air: líonrith is luas anáile. Puthadghail isteach fén ndoras san ar an solas, múchfaidh sí é: gaoth ag éalódh isteach fé. Bainfidh an t-ualach so puthadghail as, lé n-a mheádhachtaint: cuirfidh duabhais anáile air. Tháinig puthadghail feirge air nuair hinnseadh do ná raibh mór-mheas air: ní fhéadfadh sé a chainnt do thabhairt leis go ró-mhaith. Tagann puthadghail chruaidh chasachtaighe air siar san oidhche, go mbeadh truagh agat do: mion-tuargaint mar bheadh d'iarraidh fuascailt do thabhairt ar a chliabh. Cuir uait do chuid puthadghala, níl tor madra annso ag éinne ort: gothaidhe. Chuir duine éigin puthadghail im chluais agus dá chionn do bhíos ar mo chosaint féin ar mo dhuine: leid nó faisnéis fhógartha.

putachán: *f.1.* óg an ghirrfiaidh nó an choinín; leanbh nó duine beag-thoirte. Putachán Márta bíonn ceól ann. Bíonn clann aice mar bhíonn putacháin ag girrfiadh: iomadamhail. Seachain as an slighe uaim, a phutacháin!: a rud shuaraigh i dtoirt.

putharnach: *b.2.* séideadh, saothar, casachtach chruaidh. Cuirfidh an lá indiu, má néann obair é, putharnach ort: saothar lé duadh, ó, an diabhal, an phreab do baineadh asam nuair chuala an phutharnach gan coinne ar domhan agam léi san áit iargcúlta an dtacaid sin d'oidhche: casachtach a deineadh orm. "Ciúnuigh tú féin", adeirim leis, "agus ná labhair focal go n-imtheóchaidh an phutharnach díot": bhí an oiread san líonrite air ná féadfadh sé an chainnt do chur de. De dhruim an chnuic aoird tagann sí ina cóchaibh go mbaineann aiteann is fraoch as a bpréachaibh. Is mar a mbíonn putharnach aice ag gluaiseacht: glór teann bagarthach.

putóg: *b.2.* caolán in ainmhidhe nó i nduine laistíos den ngoile; na putóga; an t- inithear; ainmhidhe is í lán. Connus tá an phutóg i ndiaidh an méid sin?: an goile. Phéac an tarbh é, is slán mar a n-innstear é, seo amach na putóga ar an mbán!: an t-inithear. Bain na putóga as an iasc: glan amach an t-inithear as. Is iomdha lúb it phutóig, a chladhaire: táir lán de chleasa meanga cama. Thairngeóchadh sé lúb det phutóig amach .i. duine díomasach é ná beadh truagh aige dhuit aon íde shalach do thabhairt ort. Beidh lúb det phutóig agam mara leigir dom: sádhfad thu! Cruthughadh na putóige a hitheadh: ní haon tuairm a bhíos do rud ach a thástáil an deimhniughadh ceart air. Caitheadh an oidhche ghá cheistiughadh cár chaith sé an lá roimhe sin, is níor bh'fhéidir é do bhaint as a phutóig, bhí sé chómh cliste sin: admháltas do tharrac uaidh. Téidheann sé síos léd phutóig go maith: taithnigheann a itheadh leat. Is iomdha rud maith dulta id phutóig is a rian ort: atá ithte agat. "Ní biadh bainne is ní bainne bláthach ní feóil putóg, cé go néann sí sásamh": ní mór an mhaith í mar bhiadh ionaid. Bhaineas amach as a phutóig a raibh innte: gach rún dá raibh aige do mheallas uaidh. Budh mhinic ár sínsir ag obair, na fir bhochta, moch déidheannach ar phutógaibh folmha: gan faic ithte aca: ina dtroscadh. Putóga dubha,

bána, etc.: caoláin mhuc, etc., líonta lé feóil bhrúighte, fuil etc. meascachán plúir, bainne, ubh, etc. beirbhthe. Is fusa greim do chur ar an ngiobóig ’ná ar an bputóig: is furaiste poll in éadach do chlúdach is d’fhuaghadh ’ná an goile do líonadh – caithfidh biadh d’fhagháil. “Sid iad putóga dubha na bliadhna anois agat, ó Nodlaig go Lá Féile Brighde”: dubhluachair cheart na bliadhna. Mo dhóthain cloiste agam, tá putóga an scéil agam: an chuid is tábhachtaighe de. Sara mbead réidh leis beidh tinneas ina phutóig im dhiaidh: ní mó ’ná buidheach do bheidh sé as a gcuirfead de scannradh, iomard, etc., air. Is mar a chéile bheith ag teannadh bhídh leis sin nó ghá scaoileadh leis an abhainn, tá putóg fhallsa aige: goile nách féidir do shásamh. É sin, níl aon baoghal air, tá putóg mhuice aige: goile maith folláin. Gach aon rud don bputóig: an soláthar don ngoile. An phutóg ag éigheamh is caithfear í d’fhreagairt: caithfear saothar do dhéanamh d’fhonn maireachtana. Sí an phutóg ghnóthach againn í: an duadh go léir do chuireann an duine air féin d’fhonn an anama do choimeád ann. Is maith ataoi dod phutóig: duine beadaidhe thu gur mian leat na soghalaistidhe is na hollmhaistidhe. Tháinig snaidhm (snaidhmeanna) ar mo phutógaibh ó bheith ag gáiridhe fé: tnáidhte amach. Cuir snaidhm ar do phutóig: déin lé beagán den mbiadh. Chómh luath agus tháinig an fear eile isteach chuir sé snaidhm ar a phutóig: d’éist sé. Is diail an slogadh ge duine é, is mór an tuiteam atá ge n-a phutóig: choingbheóchadh sí a bhfaghadh sí. “As do phutóig é” deirtear lé duine go mbíonn dúil aige i rud, nó go mbíonn cuid mhór ithte nó ólta aige. Téidheamhóchaidh an brannda san an phutóg agat: brathfair teas id ghoile aige. Bíonn sé d’iarraidh dul isteach im phutóig: d’iarraidh fios mo chúraim do bheith aige.

R

rabh: (**raibh**) *b.2.* blodhtacha; blúiridheacha beaga adhmaid, feamnaighe etc. bailighthe in aon chnuasach amháin 'sag gluaiseacht leis an muir; min sáibhéireachta. Fanfaidh an buidéal go fios cathain sa raibh gan teacht isteach. Ní haon raic í ach raibh: mionbhlodhtacha. Ar nós na raibhe ag imtheacht ó thonn tonn atá sé: dhá shuathadh is dhá thuargaint gen saoghal. Tháinig an oiread néallach air lé meisce gur dhein sé mion-raibh de throscán an tighe: bhris sé é. Deineadh mion-raibh de n-a raibh d'áruistidhibh ar an gclár nuair buaileadh a bhéal fé: ciolaracha!: ciota fogha. Deineadh mion-raibh dem ghlúin nuair ghaibh an roth tríom: briseadh is brughadh í. Ní raibh sa chathair ach mion-raibh ó thuargaint na n-ionnsaidhthe sar ar ghéill sí: a tógálacha go léir ina gclaiseachaibh trufaise. Dhein an ghamhain mion-raibh den líon orm d'iarraidh é féin do réidhteach as: stracadh is stolladh. É ag gabháil tímcheall ag bailiughadh chuige gach aon mhion-raibh a gheóbhadh sé: gach aon tsaghas fuighligh. Dheinis mion-raibh den scéal orm: do laitis é. Tá an dúthaigh ina mion-raibh ag an gcogadh: stracadh as a chéile. Deineadh mion-raibh dá chuid áitimh lé hargóint cheart: smiodairínidhe.

rábach: *a.* láimhtighiseach, iomadamhail, tapaidh, bríoghmhar, neamh-shrianta, go fuidheach, ag faoibín, dána, smachtamhail. "An sroichfead an áit an dóigh leat, roim tuiteam oidhche?" – "go rábach": go bog: ní haon teamhair agat é. Bhuadhamair go rábach ortha, ná rabhamair deich slata chun tosaigh ortha: ag faoibín: go bog: gan iomad duaidh. Nár mhór an goile a bhí aige go n-itheadh sé trí púint mairtfheóla go rábach: gan a bhraithstint. "Cad é an t-aos an leanbh?" – "ní fheadar, ach go bhfuil sé ag siubhal go rábach": go bríoghmhar, ceólmhar. Buaileann sé chuige go rábach gach rud a gheóbhadh ar bóiléagar, amhlaidh is dá mbudh leis féin é: go neamh-shuimeamhail, neamh-nathach. Sclábhaidhe rábach nách nath leis lá oibre ach oiread lé gal tobac do chaitheamh: fuinneamhail. Mairim go rábach annso, gan beann agam ar éinne ná ar an saoghal: neamh-spleádhach, neamh-mhairgeamhail. Táir ró-rábach léd chuid airgid, beir in aithreachas nuair bheidh sé déidheannach agat: rabairneach: ró-scaoilteach, neamh-nathamhail ann. Ag cur (cainnte etc.) de go rábach: go líomhtha, bríoghmhar. Fear rábach gur cuma leis cá gcaitheann smut dá shaoghal. An lá is fearr a bhí sé gheóbhainn go rábach air, is ní haon mhaoidheamh é sin: aon mhairg ní chuirfeadh sé orm an fear maith d'fhagháil air. Ná bí chómh rábach tímcheall na mban, nó raghaidh droch-cháil ort: an iomad conbharsáide do thafant ortha. Chaitheas mí cómh-rábach cois farraige ann rinncidhe, siamsa, cluichidhe, aoibhneas aimsire agus rud: subháilceach: ar mo thoil. Daoine saidhbhre go raibh saoghal rábach i bPeáras aca gur ghéill an chathair sin: saoghal scléipeach. Ag imtheacht ina Sheán Rábach ar fuaid na dúthaighe: gan muirearaighe ná mairg air. Ró-rábach atá beartha ar an saoghal go dtí so agat, beidh malairt puirt agat go gcaithfir oibriughadh: ró-bhog. Caithimís an lá go rábach: go subháilceach, gan ghnóth ná mairg.

rabhadh: *f.1.* fógra, cómhartha, fógra chun bheith aireach. I gcorp-lár na hoidhche do dúisigheadh as mo shuan me, duine éigin ag tabhairt rabhaidh dhom go raibh an namhaid ag druideam im threó: fógra: faisnéis dhom a bheith ar m'aire féin. Is minic minic rabhadh agus cómhairle dho do bheith aireach air féin i gcathair iasachta ist oidhche:

chuireas in iúil go soiléir do an chonntabhairt agus an gábhadh a bhí le n-a seachaint. Dubhart leis fé rún cad a bhí fúm a dhéanamh, chuaidh agus d'innis orm gur chlis ar m'iarracht, "nách mairg a thugas rabhadh dá chomharsan": a thugas éachtaint dóibh. An dtiocfaidh aon ghráin choidhche agat ar an ndroichbhéas so, ná bí id rabhadh do chómharsain: ná himthigheadh aon rud ort dá dheascaibh go mbeifí mar sholaoid aca. Tháinig sé gan rabhadh gan rathughadh ar an mbolg againn: níor chuir sé scéala ná teachtaireacht uaidh é bheith chughainn. Tabhair rabhadh nuair bheir ag teacht: cuir scéala chugham.

rabhadóir: *f.3.* fógarthóir. Níl sé de mheisneach aige féin faic do rádh, ní mór do thusa mar rabhadóir aige: tusa ag cur an eagla amach. Rabhadóiridhe na gaoithe anoir is na cruadh-aimsire na scataidhe druideanna san do bheith ag teacht: tuar.

rábaire: *f.4.* duine líomhtha, scafánta; duine fial, so-chroidheach; duine neamh-mairgeamhail a bhíos ag gluaiseacht roimis. An rábaire saoir: saor taistealach a bhí an-thugtha dos na mnáibh. Do bhuail bacaigh an bóthar amach 'sa mhála treasna a ghualann é ag cur de go géar, láidir: bacach scrothamhail, luaimneach. Tá a gclann mhac ina rábairidhibh fear anois: mór, láidir, acfuinneach. "An rud a bhailigheann an cníopaire caitheann an rábaire": an duine cruinn cumhang, an duine gan speilp air. Cuirfead-sa fuath an tighe ar an rábaire atá ag turasadóireacht tímcheall m'inghine-se: buachaill gur cuma leis ach aoibhneas do bhaint as an saoghal. Rábaire breágh é sin, ná bíodh a mhearbhall ort acht an oiread: duine go mbeadh a chion aige d'aonnidh a bheadh ar siubhal is gur chuma leis connus thriallfadh é. Rábaire cailín óig a chodlóchadh go headarshuth bó dhuit: bean acfuinneach, scafánta. Buaileann rábairidhe an bhaile isteach is dhéanfaidís raic d'aon tigh: ógánaigh teasbhaigh. Seachanuigheadh sí í féin ar an rábaire: duine taithigeach, gan iontaoibh.

rabairne: *b.4.* féile, laimhthighiseacht, caithteacht; iomadamhlacht, maoin, dóthain. Mo ghradhain thu, mo thaisce thu, conách do thabhartaistidhe ort, tá an rabairne riamh ag baint leat: an fhéile is an éascaidheacht chun ruda do thabhairt uait. Ós annamh an rabairne againn bímís rabairneach: an fhlúirse againn bímís flúirseach fé n-a scaipeadh. Níl an oiread san rabairne agat go mbeifeá ag caitheamh chómh rábach: gustal. Ní gábhadh an rabairne, dhéanfadh a leath san me, agus fuighleach: an caithteachas ar fad. "Brisfidh an rabairne é": lé duine sprionnlaithe. Bíonn sé rabairne lé mnáibh: caitheann sé go fial, fairsing ortha. Sid í an aimsir ghannchúiseach ná fuil rabairne phlúir, thobac ná thé ag daoine: flúirse: dóthain chun bheith fial fé. Fuaireas cáithne tobac uaidh, tá sé ag dul i rabairne: i bhféile: greim níos lugha aige ar a chuid. Ghaibh rabairne éigin lé déidheannaighe gur cheannuigh sé gluaisteán: dúil chaithte airgid.

rabairneach: *a.* fial, flaitheamhail, caithteach. Ró-rabairneach atá an fear bocht fé n-a mbíonn aige, sin é fáth díreach go mbítear chómh héilightheach air: preabamhail: gan greim ar aonnidh aige. Ró-rabairneach i dtigh an óil a fhágann cimiar ar a lán: ró-thugtha do bheith ag glaodhach na gcuach. An síntiús atá fachta agam geallaim duit ná fuil sé ró-rabairneach: flaitheamhail: toirteamhail. Bean rabairneach fén mbiadh í: preabamhail, flúirseach.

rabairneacht: *b.3.* féile, flaitheamhlacht; laimhthighiseacht; maoin. Tar éis na rabairneachta go léir do maoidhtí ortha féach chómh dealbh lém bhais iad: d'aindeóin a maoine. Tiocfaidh lá fós, is ní fada go dtí go mbeidh sean-bhlas agat ort féin i dtaobh do rabairneachta nuair bheidh deireadh caithte: boigéiseacht féd chuid. Ní lé méid a rabairneachta do thug sé an méid seo dhómh-sa pé scamall a tháinig air: buige croidhe. Na tighthe is na talmhaintidhe atá aca – an rabairneacht go léir: an fhairsinge maoine.

rabhaisc: *b.2.* éadach garbh; aon rud neamhmín. An rabhaisc mhine seo, min an chogaidh, níl sí oireamhnach dos na mucaibh féin: garbh, droch-dhathamhail. Do chulaith déanta de rabhaisc éigin go mbeidh mar an mála garbh tar éis na céad ceatha báistighe: mianach garbh, tútach. Rabhaisc ait dob eadh é, ní fheadar cad mar saghas é: mianach éigin garbh nár chuir faic i gcuimhne dhom. Ní fhéadfadh éinne baint leis an rabhaisc leitean so: mianach garbh, cnapánach innte.

rabhaisceach: *b.2.* éadach garbh, biadh neamhmín, neamh-shlachtmhar. "An bhfeacamair an mangaire úd a bhí ag díol an éadaigh an lá eile? Budh mhaith na cuairscidhe éadaigh a bhí aige" – "budh mhaith, mhuis, rabhaisceach go ngeóbhadh an t-uisce thríd mar gheóbhadh trí mhála garbh": gan fighe ceart air. Aimsir chogaidh, a mhic ó, caithfir gabháil le haon tsaghas rabhaiscighe anois, tá an plúr geal is an mhin bhuidhe mhín imthighthe: biadh garbh. Rabhaisceach leitean: leite chnapánach, gharbh.

rabhaiteáil: *b.3.* ruagadh, liathradh, do chur as ionad go mear. Tháinig rabhaiteáil fharraige a chuaidh go bun puirt is d'árduigh leis an cladach cloch!: tulca mór, fuinneamhail. Ar an rabhaiteáil (fharraige) atá ar an gcarraig tá droch-aimsir air: farraige throm ag teacht ina tulcaidhibh móra. Má fuair caoire rabhaiteáil riamh ó mhadra fuair do thréad-sa é, do scaipeadh soir siar iad: ruagadh is dubh-thiomáint. Ag rabhaiteáil an bharaille a bhí sé amach an doras nuair rug sé ar barra bróige air: ghá liathradh (iompódh) roimis amach. Ár ndícheall ní bhainfeadh aon rabhaiteáil as an gcarraig bhí sí chómh daingean san sa talamh: aon mhúscailt as an áit ina raibh sí. Ár n-arm dhá rabhaiteáil ó dhaingean go daingean lé teann teineadh: dhá ndubh-thiomáint gan sos d'fhagháil. Deir na hiascairidhe go bhfaghann an t-iasc rabhaiteáil ghránda ós na trollairidhibh: ruagadh ó bhannc go bannc. Fuaireamair rabhaiteáil an anama ó fharraige fhiadhain an oidhche úd: teabhaileáil, suathadh agus tuargaint.

rabhaiteálaim: (**reabhaiteálaim**) *b.a.* liathraim, iompuighim, ruagaim, suathaim. Rabhaiteáil amach an scata bleaigeárd, tá do thigh trí chéile aca: tiomáin: ruaig iad: cuir an teicheadh ortha. Rabhaiteáladh sinn i ngach cath: cuireadh maidhm orainn. Rabhaiteáil an fharraige roimpe an long mhór ar na carraigeachaibh mar dhéanfadh soitheach folamh: thiomáin roimpe chómh neamh-thuiseach céadna. Rabhaiteálann an madra na cearca ar an ngarrdha: ritheann ina ndiaidh is cuireann an teicheadh ortha.

rabharta: *f.4.* an taoide a thárluigheas leis an nuadh-ré is an lán-ré nuair is sia ó n-a chéile rian lán mara is rian lag trágha; raidhse, iomad, flúirse, fleadh; fionnach, buile mhór. "Beidh rabharta buile i ndán dóibh is rachfaidh siad lé baois": buile chómh mór agus is féidir do bheith. "Is é an rabharta ar an mallmhuir agam é", agus an té a bhí ar an gcaol-chuid is go dtáinig an fhlúirse go hobann air. Beidh beódhachtaint (rabharta)

ambáireach ann: anam ag teacht sa taoide trí lá roim theacht iomláine an rabharta. Rabhartaidhe ruadha na hInide is barraidhe taoide móra an fhóghmhair: na tráthanna den mbliadhain gur mó thrághann agus bhorrann an mhuir. Déarfainn gur maith an rud meónaidheacht is gan rabharta do dhéanamh de: cosamhlacht in ionad builg do dhéanamh de: fleadh trom. Dá ghainneacht tobac tá rabharta ag daoinibh áirighthe air, pé áit go bhfaghaid teacht air: a leór-dhóthain aca. An té gur thuit airgead air is a mhairbh é féin le digh dob olc a chuaidh an rabharta ar an mallmhuir do: athrughadh ar shaidhbhreas ón ndaidhbhreas. Ón rabharta go mallmhuir anois againn gan luid den éadach orainn ná puinn le cur 'on phutóig: tuiteam ar shaoghal anacrach. Cad chuir an rabharta ban air: fóis: teasbhach chúcha, chun a bpósta, etc. Budh cheart go mbeadh ionbhaidh éisc ann, tá sé ina mheath-rabharta: lagughadh air, iompuighthe ar dhul ar gcúl. Tá sé rithte ar fad chun cainnte, tá sé ina rabharta air: tógtha chun aighnis. Rabharta tarta orm ó bhrothall an lae. Ná tagadh sé ina rabharta ort: ná tagadh éirghe ort. An deoch ag teacht ina rabharta orainn: í dhá ghlaodhach is dhá dhiúghadh go rabairneach.

rabhartach: *a.* tuilteamhail, stoirmeach, lán. Maidean rabhartach ar muir, go raibh fraoch uirthe: buileamhail. In aimsir rabhartaigh Earraigh bhíodh na daoine broideamhail ag baint fheamnaighe.

rabhartamhail: *a.* stoirmeamhail, buileamhail. Ní gábhadh dhuit cur chugham chómh rabhartamhail sin, níl cúis agat orm chuige: chómh feargach. An fharraige rabhartamhail mhadaramhail ag dul go féar glas: fiadhain.

rabhartas: *f.1.* stoirm, guilm, ró-fhonn. Nár mhór an rabhartas tarta a bhíodh air go mbíodh árus uisce ina aice de ló gus d'oidhche: an spalladh trom. Cad é an rabhartas atá tagtha air sin nách féidir é do chur ina shuaimhneas?: éirghe. Nár leigidh Dia dúinn é maran b'é an rabhartas air é i ndeireadh shaoghail thiar: guilm: ró-fhonn. Rabhartas rinnce tagtha ar an óige ar fuaid na tíre: iad imthighthe bán geal chuige. Is ag teacht ortha atá an rabhartas chun cogaidh: fonn.

rabhcán: *f.1.* amhrán beag, réidh oireamhnach lé canadh; calán, glór. Bheadh rabhcán go maidean aige dhuit: go leór amhrán. Scaoil chughainn rabhcán: cuir guth ar amhrán dúinn. Rabhcán éigin ar siubhal sa tigh tábhairne go ndeaghaidh na gárdaidhe isteach: calán ag lucht póite. Lán de shean-rabhcánaibh.

rabhcánaidhe: *f.4.* duine go mbíonn mórchuid amhrán aige; éigeas sráide. "Biadh nuadh is sean-éadach don rabhcánaidhe" .i. tugtar biadh dho mar is fiú é é, agus má tá éadaighe athchaithte tímcheall an tighe is fiú é iad san leis. Na rabhcánaidhthe go raibh aon mhaith ionta táid bailighthe leo anois is gan ina n-ionad ach crónánaidhthe breallacha: na sean-amhránaidhthe.

rabhdlam: *f.1.* duine a ghníos gleódh is fothram; fothram is pramsáil. "Rabhdlam raindí rabhdlam raindí raodó, rabhdlam raindí, rabhdlam raindí 'sis malluighthe an dream tuinncéiridhe" (curfá amhráin): gleódh, calán, fothram. Go leór den rabhdlam anois, tá mo cheann dhá scoltadh aige: go leór gleóidh cheana féin. Cathain a stadfaidh an rabhdlam? nách é go bhfuil an fuirse gan deallramh fé: aindeiseóir gur cuma leis ach

bheith ag útamáil tímcheall air. An rabhdlam bocht ní bheidh sí siubhalta choidhche aige ar an aistear atá roimis: duine trom aindeis ar a chosaibh. Riamh ní réidhtighid lé n-a chéile, beidh rabhdlam eile anocht aca: cath: easaontas is achrann. Cad é rabhdlam a bhíodh ag na leanbhaidhibh scoile ag súgradh tar éis a leigthe amach: gleódh is stracadh.

rabhdlamán: *f.1.* aindeiseóir neamh-chruinn; duine boigéiseach. Ná bí ag brath ar an rabhdlamán san chun aonnidh do dhéanamh, níl cuimhne circe aige: duine ná fuil deagh-chuimhnteach. Ní maith an rabhdlamán i dtosach, i lár ná i ndeireadh báid: duine ná bíonn éifeacht bearta leis.

rábóg: *b.2.* seáp, fogha, eitim, sciúird thapaidh. An bád ag feitheamh lé lón faid gach nfhaid gur thugadar rábóg sa deireadh fé amach: seáp obann. An dtuitfidh an chathair leó den gcéad rábóig eile, an dóigh leat?: ionnsaidhe tolgach obann. Lá breágh éigin, mhuis, mar is fada ghá gheallamhaint me tabharfad rábóg ar Éirinn: sciúird thapaidh gan choinne. Bhuail sé lé rábóig de dhorn aniar sa chúl me a chuir ag grogghail treasna an bhóthair me: stiall fhada, thric, acfuinneach. Bíodh an sean-mháighistir i gcómhnaidhe aireach mar, mar deireadh sé féin, níor bh'fhios cathain thabharfadh sé rábóg: fiosrughadh, cuaird obann. Léim sé ó thalamh nuair chualaidh sé go raibh a pháirtidhe i dteannta is den rábóig sin níor stad sé gur bhain sé amach é: sciúird. Cathain thabharfair rábóg eile orainn?: cuaird. Ní raibh ann ach rábóg níor bh'fhiú biorán is é, ní fheaca faic: rith tríd. Tabhair rábóg ar an leabhar san: féach tríd gan aimsir do chailleamhaint leis. Tháinig rábóg fharraige a scuab roimpe an cladach suas gach rud ina treó: rabhait. Thugas rábóg fen ubhall, ach bhí sé ró-árd dom, níor shroicheas é: thug iarracht obann thric ar bhreith air. D'árduigh an madra leis an fheóil ina rábóg: de shnap.

rabhta: *f.4.* anfadh, pléascadh obann síne. Is í bliadhain na rabhtaidhe í gan aon tsuaimhneas ag dul uirthe in ao'chor: stoirm ar stoirm. Dá bhreághthacht is dá chiúine a thaidhbhsigheann sé, agus atá sé, tiocfaidh rabhtaidhe fós a sceónóchadh thu: sealanna droch-aimsire go mbeidh buibe ortha. Ná téighir ró-dhian síos, thiocfadh rabhta (farraige) a árdóchadh chun siubhail thu ar phrap na súl: tulca mór-fhuinneamhail, mór-ghluaiste.

rabhtamhail: *a.* obann-stoirmeach, tolgach, trom-ghluaiste. Tagann farraigidhe rabhtamhla isteach annsúd toisc béal na haimsire do bheith air, gur lé haimsir an-aoibhinn a dhéanfí aon chaladhthóireacht ann: árda, tolgacha, scuabacha. Bíonn linn an chuasa síor-rabhtamhail: suathadh is dul trí chéile ag an bhfarraige uirthe.

raca: *f.4.* árus chun féir, déanta d'adhmad is lataidhe adhmaid ann, cóirighthe ar shlighe nách féidir leis an ainmhidhe breith ina phus ach ar an áirighthe sin de gach béalóig; oireamhaint adhmaid nó iarainn go mbíonn pionnaidhe chun rudaidhe do chrochadh ortha; cíor mhór; úirlis feirmeóireachta d'adhmad nó de mhiotal, go raghailse treasna ar cheann na coise is fiacla (pionnaidhe) ann chun féir etc. do bhailiughadh den talamh etc. etc. Lán an raca d'fhéar d'íosfadh an capall céadna: cuid mhór. Ní raibh croch ná raca ann chun casóg do chur air, faic ach an talamh. Budh challóideach an obair í amach go bolg san uisce fhuar ag bailiughadh fheamnaighe léd raca. Ní mór an duadh féar do chruinneáilt anois leis na racaidhibh móra, cam-fhiaclacha atá indiu ann. Raca breágh mo chinn: cíor mhór fuilt. Tabhair an raca dod chuid gruaige: réidhtigh í.

raca: *b.4.* carraig fhada, árd (os chionn uisce), mhéiscreach. Lán de racaidhibh fé uisce atá an áit sin, an-chonntabharthach dul i ngiorracht don dtalamh. Oileáin is racaidhe seadh an cósta ar fada: carraigeacha, gráineamhla, méiscreacha.

racach: *f.1.* fánaidhe, seachránaidhe. Bhuaileadh racaigh na Mumhan chughainn, is budh bhreágh na rabhcánaidhthe, cuid aca: lucht siubhail. Déanfaidh racach ar fad díot ar an bhfuadar atá fút, níl cruinniughadh, báire ná rás ná go mbír air: scraiste bóthair.

racáil: *b.3.* do chíoradh, do bhailiughadh lé raca. Ag racáil an ghuirt: ag bailiughadh féir lé raca láimhe nó raca capaill. Teastuigheann racáil ód cheann tá sé achrannach, cas: é do chíoradh go mín. Táthar ag racáil gach aonnidh isteach 'on iothlainn ag bailiughadh ar arbhair. Ag racáil chuige a raibh de phingnidhibh ar an mbórd ar chártaidhibh: ag buadhachtaint. Tar éis na racála go léir tá sé bocht: an chruinnighthe mhóir.

rácáil: *b.3.* scamaill éadtroma, síogacha sa spéir a thugas cosamhlacht guirt uirthi go mbeadh ruibidhe fada féir nó léasacha coirce go flúirseach ar a fhuaid. Féach na scamaill sin laisteas tá rácáil ghaoithe air: gaoth chruaidh fhuinneamhail. Ar an rácáil a bhí sa spéir lé tuitimín oidhche do shaoileas go raibh athrughadh air: síogaidhe scamallacha.

rácálaim: *b.a.* bailighim lé raca; cruinnighim go baileach. Do rácáil sé mórán mór airgid faid bhí sé ag díol na n-earraidhe saor: bhailigh isteach cuid mhór de. Rácáil an gort is ná fág léas id dhiaidh: gaibh tríd lé raca. Acht, rácáil do cheann, tá sé ar fad in achrann: cuir an chíor tríd agus slámuigh é: réidhtigh é.

rácálta: *a.r.* bailighthe, cruinnighthe. An gort rácálta: na léasacha bailighthe dhe. A raibh agam rácálta uaim ges na bitheamhnaigh: sciobtha go (le) sainnt.

racaire: *f.4.* aithristeóir, scéalaidhe, rabhcánaidhe, lúdarálaidhe. D'imthigheadar is budh mhór an truagh san na sean-racairidhe budh mhór is b'aoibhinn iad ag cur thórsta cois teineadh teólaidhe oidhche gheimhridh: lucht aithris. Racaire eile annso againn a sheólfaidh amhrán orainn: rabhcánaidhe. Nách é (í) an racaire é: gleódhghalaidhe. Racaire ráflach ná fuil scéal ó Chorcaigh aníos ná beadh aige: duine a bheadh piaclach chun scéalta, is greithealach chun a scaipighthe. Racaire sean-mhná cois teineadh gach lá: í ag duanaireacht di féin is ag innsint gearr-eachráidhthe. Níl aon racaire annso ach é: seanachaidhe.

rachaire: *f.4.* meathtach, duine ná seasóchadh an ball lé linn gábhtair. Nuair tháinig an tóir ar an rachaire do theich sé, ní raibh sé de mheisneach ann seasamh: duine ar dith meisnigh. Iontaoibh an phráta bheirbhthe ní bheadh agam asat, a rachaire ná go gclisfeá: duine a teichfeadh, ná labharfadh nuair bheadh call leis: duine neamh-fhearamhail.

rachaireacht: *b.3.* meathtacht, laige spiride. Tá rachaireacht ag baint leat má bhí lé fear pósta riamh, eagla ní leigfeadh duit do bhéal d'oscailt: meathtacht: ceal meisnigh. Nuair chuaidh sé i dtaithighe (na farraige etc.) d'imthigh an rachaireacht de, is thabharfadh aghaidh ar aonnidh: an mhí-mheisneamhlacht: cúlbhántacht spiride.

racalach: *f.1.* búiste, cóbach, fiathlach, ceamalach, bathalach, bastún. Gach racalach aca 'sa dteanga ina leath-bhéal aca ag magadh is ag déanamh fonmhóid fúm nuair bhíos dealbh thar éis mo choda do chaitheamh ortha: ceamalach mí-bhéasach. Racalach ná féadfadh focal séimh do thabhairt do mhnaoi ná do leanbh: búiste ain-eólach. An uile-racalach shalach ar fuaid na dúthaighe ag éirghe amach ag suainseán orm nuair fuireadar ar lár me: bastúin mheathtacha. Níor chuir an racalach san a lámh in aon rud riamh ná laitfeadh sé: cóbach gan eolas. Tugann na raclaigh an lá annsan 'sa ndrom lé falla ag faire is ag cainnt ar gach éinne a ghaibheas an treó: rudaidhe mí-bhéasacha, tarcuisneamhla.

racán: *f.1.* calán, gleódh, fothrom, scléip. Dhéineadar seachtmhain racáin di sa phríomh-chathair thar éis an chluiche: d'itheadh, d'ól is do phléidhreacht. Déanfaidh sibh tigh racáin de sara stadaidh sibh, ar an bhfuadar cainnte is gleóidh atá fúibh: tigh achrainn. Ná béarfá fada air, cad é an racán atá ort: greitheal. Beidh racán an domhain ar an rinnce mór anocht: gleódh is scléip. Goirtigheadh go maith me sa racán is me ag déanamh teasargan: calán is achrann.

racánach: *a.* trodach, garbhuaiceach, ragairneach. Bír ró-racánach nuair bhíonn braon caithte agat: bruigheantach, achrannach. Scata racánach d'fhearaibh óga go mbíonn gleódh is ranngás aca ar fuaid an bhaile, ná leigeann néall chodlata ar dhuine: gleodhach. Is annamh tigh tábhairne, nuair bhíonn sluagh ann, gan bheith racánach: buadhartha. Duine racánach ná tagann abhaile go mbeireann an mhaidean gheal air: ragairneach. Racánach ar cártaidhe: ró-ghleódhach.

rachmas: *f.1.* cómhacht, ceannas, maoin, flúirse, raidhse, aoibhneas, conách. Níl a bhac ort labhairt teann, ó tá rachmas agat, talamh, stoc is caoire: maoin. Táid i rachmas anois is níl a bhac ortha pé rud is maith leó do dhéanamh: i gceannas, i gcómhacht. Sinne a bhí fé rachmas seal anois gan fiacha na mbróg againn: a bhí go maith as. Do bhailigh sé go cam é, tosach na breithe ag Dia, is ní mór an rachmas do bhí bainte aige as nuair a cailleadh é: aoibhneas, subháilceas. Bhíodh rachmas ag lucht saidhbhris i bPeáras gur reabhaiteáil an cogadh as iad: aoibhneas is subháilceas as a gcuid maoine. A thuilleadh de rachmas an tsaoghail ort, mar is é atá tuillte ag aon fhear galánta mar thú: conách: saidhbhreas is sógh. Níl plúr, tobac ná té ag neach anois ach fear rachmais: gustal mór. Cuirfear i rachmas fós é sin ar son a bhfuil dhá dhéanamh aige ar son a dhúthaighe: in ionad árd, thábhachtach. "Féach a bhfuil de bhiadh is de dhigh aca" – "tá, rachmas": raidhse is flúirse. Tá rachmas ag an dtarbh san ar bhuaibh, tá an mianach ceart ann: mórchuid bó dhá dháir aige. Beidh rachmas ar iasc fós, fan: beidh cuid mhór mhór dhe dhá fhagháil againn. Is diail mar thuit sé chun rachmais de dhuine ná raibh an léine féin ar a dhrom go geairrid ó shoin, anois an leathantas atá aige: chuaidh i saidhbhreacht. Níl san de rachmas orm tigh do bheith agam: subháilceas. Aon rachmas amháin atá air go bhfuil bean mhaith tighe aige: rath: ádh: subháilceas. Gheóbhaidh sé rachmas na bhflaitheas as a charthanacht: aoibhneas. Beidh rachmas an tsaoghail eile againn, ní fuláir, ó ná fuil rachmas an tsaoghail seo: aoibhneas na bhflaitheas. Tá an lá is fearr dá cuid rachmais feiscighthe ag Sean-Shasana, is cosamhail go bhfuil sí ag cnúbháil: a haoirde láin: aoirde a glóire is a gradaim.

rachmasach: *a.* maoineach, cómhachtach, ceannasach, gustalach, neartmhar, ceann-árd. Lá budh rachmasaighe chun cabhartha do thabhairt ar na bochtaibh ní raibh sé ró-rabairneach fé n-a sparán: budh mhó gustal. Beatha rachmasach ag lucht an airgid dhá chaitheamh ar Roinn na hÉoraipe go teacht an chogaidh: aoibhneas dhá bhaint aca aiste. Is rachmasach a bhí Sasana ameasc tíortha an domhain go dtí so, ní mór ná gur dhlighe a briathar aca: ceannasach.

racht: (**reacht**) *f.4.* pléascadh, anamhóin, taom, mór-bhorradh, aiste. Chuir an chainnt bhorb racht feirge air ná féadfadh sé focal do labhairt. Lé racht dighe ní fheadair sé soir seachas siar, ná cad dubhairt sé ná dhein sé ó thúis deireadh: méid a bhí ólta aige agus a neart. Na rachtaidhe casachtaighe a thagann siar san oidhche air chloisfeá tuargaint dhá bhaint as a chreatlach aca: taomacha troma, fíochmhara. Chuirfeadh sé i rachtaibh gháiridhe thu lé n-a gheáitsidhe, gothaidhe, is ailteóireacht, go mbeadh tinneas id phutógaibh uaidh: trithidhe dhubha. Lé racht eagla do thuit sé annsúd as a sheasamh: neart: oilmhéid. Cuir sa rachtaibh faid bheidh eaga agat, táthar chughat: sa tréintibh: imthigh ar lán-luas. D'itheas an oiread san go rabhas i rachtaibh scolttha!: ar tí pléasctha. I rachtaibh tuitim as a sheasamh lé hocras: ar barrghail tuiteam i gceann a chos lé méid an ocrais. Éist liom, a dhuine, is ait agus is míofhoirtiúnach an saoghal é me i rachtaibh me d'itheadh i ngach tigh go loirgim gráine plúir ann: me i mbaoghal me d'itheadh. Tháinig racht uabhair air nuair tugadh easonóir don té a bhí marbh leis: tocht. Is ró-fhuraiste leis dásacht is racht do theacht air, ní duine oireamhnach d'aon ionad muirearach é: fearg is taom. Táid i rachtaibh dul i scórnaigh a chéile lé fada: a chéile do throid. Beir i rachtaibh do mharbhtha ag an méid sin dighe: ar aiste go mbeir i gconntabhairt mhór. Lé racht airgid bhí sé imthighthe bán as a mheabhair: lé méid an teasbaigh do chuir sé air. Fuair sé bás le racht fola: iomad di do shileadh. Le racht bleaigeárdaidheacht ní fhéadann sé leigeant d'éinne. I rachtaibh báis: ar tí. Bhíomair i rachtaibh imtheacht nuair coisceadh sinn: díreach ar barrghail. Racht farraige, gréine, solais, etc.: méid mhór.

rachta: *f.4.* raghailse, bíoma, cearrchail. Budh mhaith na rachtaidhe tighe iad is a bheith folláin fós ar a fhaid atáid sa bhfalla: cearrchailidhe ó fhalla go falla i dtacaidheacht na lochtaidhe. Na rachtaidhe loirgnidhe atá fúithi: cosa fada láidre. Gaibh rachta an taoide ó thuaidh: straice mór fada adhmaid. Ní fuláir liom nó tá neart ina rachtaidhibh géaga: móra, féithleógacha, láidre.

rachtach: *a.* buileamhail, taomnach, dásachtach, spreangamhail. Níor mhaith liom bheith ceangailte léi i rith mo bheatha tá sí árd-rachtach, níor bh'fhios duit cathain d'éireóchadh sí chughat: tugtha d'fhionnach obann do theacht uirthi. Do throideadar in imeall na cathrach an uile fhód siar agus aniar go rachtach: dásachtach: fraochda. Budh mhór an truagh é í do bheith rachtach ach níl aon leigheas aice air go mbuaileann an taom í: an iomad teasachta innte.

racht-aigeanta(ch): *a.* taomnach, spreangamhail, lasánta, so-thógtha, ríogach. Aon locht amháin atá air, é bheith racht-aigeanta(ch) is go ndéanfadh aonnidh. Bíonn marbhadh duine air, saoraidh Dia sinn, nuair thagann an ríog san air: spreangamhail. Má bhíonn sé ar do thaobh thabharfadh sé fuil a chroidhe dhuit. Tá sé comh racht-aigeanta(ch) san: lasánta: fíochmhar lé díoghrais. Ná bí chómh racht-aigeanta(ch) agus go dtabharfá go

hobann fé thoisc nách eól duit a muirearaighe: tapaidh, lasánta, spreangamhail gan machtnamh do dhéanamh.

rachtairt: (**rachairt**) *b.2.* tuaith, suim, áird. An oiread rachtairte is tá uirthi ní bheadh mara mbeadh a cuid airgid, ní lé n-a breághthacht é go deimhin: an oiread mór-shuime. An aimsir seo a bhíonn an rachtairt orm nuair braithtear tobac agam: tuaith dhá chur ionam: áird ag lucht dúlach tobac ionam. Más maith leat gan ceann tinn do bheith agat ná tabhair a thuilleadh rachtairte ar m'inghin, is fuath liom é: ná bí ag suirgheacht léi ná caoraidheacht agat uirthi. Déanfar rachtairt an domhain tímcheall na bunóice ar a baiste: fústar: oiread gleóidh nár ghábhadh.

rachtamhail: *a.* tréan, dásachtach, lán-neartmhar; borrtha. Nuair thagann an bhuile air, tagann sí go rachtamhail air: go cuthaigh. Gháir gach éinne go rachtamhail fé: ar chuma go rabhadar dubh san aghaidh. Ag teicheadh ar mo dhícheall ós na buillidhibh rachtamhla: fíochmhara.

rachtmhar: *a.* fíochda, buileamhail, ró-theasaidhe. Thugadar ionnsaidhe rachtmhar dá chéile ar chiumhais na cathrach gan géilleadh do n-a raibh dá threascairt: fíochda. Daoine rachtmhara seadh iad, daoine ná fuil puinn conbharsáide aca lé héinne, agus ní furaiste teidhmint do dhéanamh ortha: claon lé feirg do theacht ortha.

rádh: *f.* (*-áidhte*) do labhairt, d'innsint, d'aithris, canamhain(t); abairt, carbhall; sean-fhocal. Cad tá dhá rádh agat?: cad deirir. Cad tá dhá rádh anois, tar éis ar thug sé uaidh riamh ach gur maith an scéal é ar éirigh do: cainnt fhurmhór na ndaoine. Bíodh do rádh agat chómh maith lé duine, ná leig an chainnt ar fad leó: inns nó abair an nídh atá ar t'aigne: tabhair do bharamhal. Rádh leis féin é sin atá aige, ní chuireann éinne aon nath ann: cainnt nó canamhain neamh-choitcheann. A ráidhte béil féin is iad iad, ní mise a chúm ná a cheap iad: carbhaill: díreach mar labhair sé. Tá cuid a ráidhte agat cladhaire do thabhairt air mar is sin é déanamh do thug sé dhuit: an uile fáth agat chuige: i dteideal é do rádh. Ní fearr a rádh ná cuimhneamh air: is ionann céaca: comh-mhaith nó cómh-olc é. Á, theip air? táim ghá rádh i gcómhnaidhe ná raibh aon diabhal maith ann ach a raibh de chainnt: ghá aithris go minic. Sé mo rádh leis de ló is d'oidhche aire na fola do thabhairt do féin toisc gan é bheith láidir: mo shíor-chómhairle. Is tú go raibh an deallramh leat – beagán, is a rádh go maith: a chur in iúil go léir, lán-fhuaimeantamhail. Mheall sé lé n-a ráidhtibh beóil í: cainnt phlámásach, shleamhain, ghlic. Tabhair géilleadh do ráidhte na sean, mar is ionta atá eólas is taithighe an tsaoghail: dá gcainnteannaibh. Is agat a bhíos na ráidhte suairce gur mhian a n-éisteacht: cainnteanna a chuireas aoibhneas ar an gcroidhe bheith ag éisteacht leó. Ní bheadh cuid a ráidhte aige mara mbeadh gur thugais an chao dho: fáth. Is mór lé rádh thu, dar leat, chun gach rud do dhéanamh: mór an nidh is fiú, duine tábhachtach. Ní mór lé rádh a bhfuil aige tar éis a lae: ní fiú trácht air: suarachas. Is suarach lé rádh m'fhocal-sa ina measc san mar nách fear rachmais me mar iad féin: ní tábhacht ar bith é. Ná bíodh sé lé rádh ná gur dheinis do dhícheall: ná bítear ghá chasadh leat: é do bheith lé caitheamh sa súilibh ort. Ní hionann san is a rádh go bhfaghadh sé m'inghean-sa más fear gustalach féin é: ní mheádhann an rud céadna. "Óir tiocfaidh mórán im ainm-se ghá rádh gur mise é agus meallfaid mórán" (Marc XIII. 6) .i. is iad sin na briathra a déarfaid. "Agus ar bhfreagra do dhuine áirighthe den lucht dlighe

adeir sé leis, a Mháighistir, ghá rádh so dhuit do bheir tu masla dhúinne fós" (Lúcás XI. 45). "Ag seo a slighe – sé a n-éigcríonnacht é; agus taithnid a ráidhte leis an lucht a thig ina ndiaidh" (Sailm XLIX. 13): na rudaidhe adeirid. Ní rabhas i bhfeighil a ráidhte: ag machtnamh ar labhairt air. Níl ar éinne tar éis an tsaoghail ach rádh a bhéil: dréir mar labhrann duine seadh is córa é do mheas. Ní misde a rádh gur mithid itheadh: is lán-mhithid é. Is é a rádh riamh dá mbeadh airgead aige go gcaithfeadh sé é: sin é bhíonn ar siubhal aige. Rádh in ár measc faid is tá cuimhne agam ná téigheann stoirm thar Aoine ná rabharta thar Dhomhnach: sean-chainnt choitcheann. Is é mo rádh-sa leat-sa ciall do bheith agat is gan do cheann do sháthadh in aon rud ná baineann leat: mo chómhairle dhuit. A rádh is ná fuil sé tagtha anois is gur gheall sé ná beadh déidheannach. Ní fheadar-sa an fíor nó bréag é, ach is é rádh na ndaoine é: cainnt choitcheann. "Ní bheidh an cogadh so i leathtaoibh go ceann deich mbliadhan" – "sin é do rádh-sa": sin é adeirir-se, ach tá amhras agam ar do bharamhal. Idir sean-ráidhte is nuadh-ráidhte táid istigh ina cheann: cainteanna fileamhla, fáidheamhla na haimsire thart agus na haimsire seo. Ceacht, amhrán, an t-aifreann, do rádh: d'aithris nó do léigheamh. Ní gnáthach leis éitheach do rádh: d'innsint. Peaca dob eadh a rádh ar an aindeiseóir gur b'é a bhí cionntach nuair ná raibh aon deimhniughadh ann: do chur air: é do chúisiughadh leis. I gceann coighcís, sé sin le rádh, lá Samhna: bheith beacht den am. Beidh áireamh air i ráidhtibh seanachais an cheanntair nuair bheidh dearmhad déanta orainne go léir: i mbéal-oideas. Ghá rádh is ghá shíor-rádh gur mar a chéile dhom bheith leis nó leis an bhfalla, tá sé chómh dúr, daingean san: ag deimhniughadh ruda tábhachtaigh éigin. Mar deir an rádh "ní fearr biadh ná ciall": an sean-fhocal. Mara mbréagnuighthear é beidh sé ina rádh coitcheann fé chionn lae: i mbéal gach éinne. B'fhearr dhuit bheith ag rádh do phaidreacha dhuit féin: ghá n-aithris. B'fhéidir go gcuirfeadh an duine sin ag rádh do phaidreacha thu mara nglacfá thart é: go dtabharfadh sé smut det mheabhair duit: ag tabhairt aire dod chúram féin. Dhein sé céad púnt an tseachtmhain seo, anois cad tá lé rádh agat?: cad é do bharamhal. Ní raibh aon cheart agat é do rádh as an méid adubhart-sa: baramhal do cheapadh ar mo chuid cainnte. Cad tá dhá rádh orm aca?: cad é a dtuairm im thaobh. Níl sé chun a ráidhte ag neach leat gur duine sprionnlaithe é: níor thugais cao chuige. Th'anam 'on diabhal, nách mé a bhí ar chao a ráidhte leis an mbastún bladhgaire gur ag teicheadh do bhí sé riamh: san ionad cheart. Ná tabhair cao a ráidhte d'éinne go ndéanfá rud do b'fhéidir do casadh leat: ná leig dóibh brabúch d'fhagháil ort chun milleáin do chur ort. Abair do rádh chómh maith lé duine: cuir do bharamhal in iúil. Is féidir leis a mhaoidheamh ná fuil faic lé rádh ag éinne leis: nách féidir aon rud do chur ina leith. B'fhollus go raibh broid éigin air is a rádh é do bheith tagtha chómh fada ó bhaile chómh moch ar maidin: is gur rud a bhí i gceist é. Dá mbeadh aon rud lé rádh aige siúd is tapaidh a déarfadh sé é: do chasfadh rud lé duine go pras dá bhfaghadh an chao.

radadh: (**raideadh**) *f.* (*-idte*) speachadh (ainmhidhe); léimeadh, caitheamh, teilgean do thabhairt, do chaitheamh; buille, bualadh, lascáil, déanamh dásachtach, duartan. Druid siar ón gcapall, ná fear ag radadh é?: ag speachadh: ag tógaint a dheireadh san aer is ag bualadh uaidh siar lé n-a chrúbaibh. Capall raidte: a bhíos ag bualadh lé n-a chosaibh deiridh. Ag radadh na trucallach: ghá stialláil uaidh siar. Mo thuairm gur geairrid a bheidh sé agaibh, tá cómharthaidhthe an raidte cheana féin air: gach aon chuma go gcuirfidh in aghaidh a ghnótha. Connus do sheasuigheann do ar an slighe bhíonn sé ag radadh airgid uaidh: ghá chaitheamh go rabairneach. Ars an fear maoidhteach, "tá airgead

lé radadh agam": lé scaipeadh ar gach taobh díom. Bhí fuar agam bheith ag radadh chloch leis an madra, nuair bhí mo chuid feóla ina bholg aige: ag caitheamh leis. B'fhearr liom agus budh thairbhighe dhom, bheith ag radadh chloch i gcoinnibh na gaoithe ná bheith ag cur na stéige talmhan san: ag caitheamh. Thug sé an tráthnóna ar fad ag radadh bháistighe: báisteach throm ann. É ag radadh Bhéarla liom nár thuigeas focal sa chéad uaidh: ag cur Béarla lastuas díom. Ag radadh Ghaedhealainge uaithi ar dalladh: ghá spreagadh go tiugh. Chómh luath agus thug an dá arm aghaidh ar a chéile chromadar ar radadh: ag caitheamh philéar go tréan ar a chéile. An tseachtmhain ar fad caithte ag dubh-obair agam gan cead raidte go dtí indiu: cao ar shaoirse. Bídh amuigh fén mbán mar a mbeidh cead raidte agaibh: slighe agaibh chun bheith ag ranngás. Cuir uaim an radadh, fan socair: an léimreach. Chonnac ar árd-chaoir sa Daingean indé é, is fada roime seo gur dhein sé aon radadh: aon chorruighe mór. Éist is ná bí ag radadh asat: ag cur asat go glórach. An tarbh ag radadh fóidínidhe gabhair san aer lé dásacht: iad ag teacht go tiugh tapaidh ó n-a chrúbaibh. Chuirfeadh an béal atá uirthi an ghruaig ina seasamh ar do cheann an chuma bhíonn sí ag radadh eascainidhthe: ag eascainghe go borb. Is scannalach an rud an leanbh san bheith ag radadh dhiabhal: ainm an diabhail ina bhéal gach aon nóimint. Ná bíodh aon radadh ort anois, beir breágh, fada bog air: aon deifir. Táir ag radadh éitheach ar nós an uisce: aon fhocal níl ag teacht as do bhéal ach é. Ní hiongadh radadh do bheith air an aimsir is ar thuit d'airgead air: teasbach áthais. "Connus tá sé?" – "ag radadh as a chorp": lán de theasbhach. Ní théigheann aon lag air ach ag radadh tharais, nách iomdha rud a chuireann an ceólán trí chéile: ag cur as: ag cainnt, cainnt. Cad dob áil leat ag radadh tharat annsan?: cad tá dhá chuardach agat? ag caitheamh rudaidhe tóin thar cheann. Budh gheairrid an mhoill ortha é do radadh amach dá mhéid a bhfuil d'obair déanta aige dóibh: bata is bóthar do thabhairt do. Is iongtach an lámh a bhí aige, bheadh sé ag radadh mháidhte go maidean: ghá n-imirt: iad chómh maith san nár ghábhadh aire do thabhairt dóibh. Ruaig is radadh ort: an teicheadh is tuargaint bhríoghmhar. An bhfagham lé radadh in ao'chor an turus so é?: an bhfagham aon áth maitheasa air.

rádhaim: (**ráidhim**) *b.a.* deirim, aithrisim. "Éirigh in fhathaigh", do ráidh Fionn: sin iad na focail díreach a ndubhairt sé. Áit lé n-a ráidhtear, "Tón na hÁirne": go dtugtar air. Dá ndéarfá féin é, cá díoghbháil, ná raibh sé ionráidhte agat? cóir a rádh.

radaim: (**raidim**) *b.a.* ₇ *n-a.* speachaim, buailim, caithim uaim (tharm), seadaim, bronnaim go rabairneach. "Tá sé ag suainseán ort" – "raideadh sé leis, ní luighfidh san orm-sa": seadadh air: coimeádadh cothughadh air. Miúil chómh malluighthe is gabhadh riamh, raideadh sí agus dheineadh ciolaracha den dtrucaill: speachadh: thógadh a deireadh agus bhuaileadh go nimhneach. Sin é díreach é, gach éinne ag cur an phúca uaidh féin, raid orm-sa é: buail ualach an mhilleáin orm. Raid an chré ar a chómhrainn, is beannacht lé n-a anam: caith síos go tiugh í. Raid, is raid chugham, níl aon rud ná go bhfreagróchad duit: ná staon in ao'chor do bheith ag cur ceisteanna orm. Raidfidh an tsean-mhiúil is brisfidh do chnámha: speachfaidh, buailfidh lé n-a cosaibh deiridh thu. Cé raid an t-urchar san?: cé chaith, theilg é (lé fuinneamh). Chaith sé mórán airgid leis an gcaoir úd, anois go bhfuil a chiall aige, ní raidfidh sé go ceann i bhfad: ní thiocfaidh néall air go gcaithfidh airgead ar dhigh. Raid amhrán chughainn ná bímís ag féachaint ar a chéile ar nós dhaoine i dtigh tórraimh: scaoil chughainn. Tá an scéal go maith ar do thoil

agat, raid gach aonnidh ar mo cheann-sa: cuir an milleán orm-sa. Leis an suathadh do fuair an bhó do raid sí gamhain uaithi ar an mbóthar: rug sí go hobann roim a hionbhaidh. Ná déin aon nath den gcuma chiúin atá anois air, raidfidh san, is nár mhaoidhidh Dia ar dhaoinibh aca féin iad: tiocfaidh néall air. Raideadh amach as an scoil é nuair ghearán an cigire air: do ruagadh é. Raid ort, leat, é: lean ar an bhfuadar atá fút. Má raidir an mhóin brisfir í: má chaithir tapaidh, mear í. Ní raibh urchar ar bórd againn ná gur raideamair ar (leis) an mbaile: chaitheamair: rúscamair. Dá raidinn a bhfuil im theangain, aon chómhairle ní thógfadh sé uaim: dá gcaithinn mo theanga ghá chómhairleach. Seo deoch nár theastuigh uaim, is amhlaidh do raideadh orm í: do tafantuigheadh.

radaire: *f.4.* duine go mbíonn sruth chainnte aige, bladaire suirightheóra, breasaire, glagaire. Radaire iongtach é pé áit ná tráth a bhuailfeadh leat bheadh fuighleach cainnte aige ar an uile rud: fuirseóir cainnte. Radaire beag, gleóidhte cailín: ruidín go mbeadh mórán giobaireachta aice. Ar feadh an tráthnóna taoi id radaire gleódhach, gan fhios agat, leath t'aimsire, cad bhíonn ar siubhal agat: id cheólán. Ghaibheadh radairidhe maithe an bóthar fadó is scéalta gur scéalta iad aca: dream a aithriseóchadh eachtra ar fheabhas lé súil rud dhá bharr. Eiteófí dathad duine mar a ngeóbhadh an radaire sin rud ag faoibín: duine a bheadh i ndán dul i gcómhair ruda go maith le líomhthacht a theangan. Radaire mór ban tusa: a bhíos ag meallaireacht ortha.

radaireacht: *b.3.* breasaireacht, bladaireacht, glagaireacht, meallaireacht, gliogairnéis chainnte, iomchar is cainnt neamhthuiseach. Á, ní mór an díoghbháil na garsúin sin 'sa gcuid cainnte, ag radaireacht dóibh féin a bhíonn siad san: breasaireacht: ag treasnaghal, ag aithris 'sag déanamh grinn dóibh féin. Ná bíodh aon radaireacht ort ach inns dúinn díreach mar thárla: seachrán cainnte. Is fada ó bheith i ndáiríribh í leis, ag radaireacht a bhí sí: ag suirghe: ag cleith-mhagadh. Táimid bodhar ag do chuid radaireachta, tabhair cao do dhuine éigin eile ar labhairt: ritheadh seama.

radhaise: *b.4.* flúirse, iomadamhlacht, leór-dóthain. "An bhfuil airgead aige?" – "déarfainn go bhfuil radhaise": ádhbhar maith. "Dheineabhar go maith" – "ní ceart gearán, radhaise": oiread is gur cheart bheith sásta. Mo ghradhain thu is rud agat, tá an radhaise riamh ar do láimh: an fhlúirse: claonadh lé n-a riar. Bhuailfeadh breis (den) radhaise sinn da gcuirimís an clódh ceart orainn féin: budh mhó agus ba fhlúirsighe ár gcuid de pé rud a bhí ag imtheacht. Cad is fiú beagán mar a mbíonn an radhaise: leór mór d'aon earra. Acht a bheith baileach, críochnamhail tiocfaidh na blodhtacha so chun radhaise fós: chun suime: tiocfaidh beart as an mbrobh. Mo ghoirm thu, ní feacthas riamh ag teacht thu gan an radhaise: an chuid mhór: an fhlúirse lé croidhe maith. Ní raghainn thar radhaise air, dá (mbudh) mb'é thu, biadh láidir é sin: thógfainn mo mheón is sin a mbeadh ann.

radhaiseach: (**raidhseach**) *a.* flúirseach, iomadamhail, bronntanach. Deirtear lé searbhas nuair chidhtear cuid bheag ag teacht nó dhá thabhairt (lé sprionnlaitheacht, etc.) ag duine, "is radhaiseach a thugais chughainn é": toirteamhail. Bí radhaiseach ná bí chómh greamuightheach san: bronntanach: riarthach. Dá raidhsighe a bhí airgead aige níor dheóin Dia air oiread is pingin do thabhairt do naoidhe an ghábhtair: dá fhlúirsighe. Tá sé (aon rud) agat go radhaiseach: cuid mhór de. In áit go mbíonn biadh go radhaiseach ní

mothuightear a roinnt: flúirseach. Talamh go radhaiseach aca, lé hanamann na marbh: flúirse is fairsinge. Ná bíodh eagla ort go ndealbhóchaidh so é féin, ní gnáthach leis do bheith ró-radhaiseach fé n-a láimh: laimhthighiseach. Biadh is deoch go radhaiseach do gach n-aon dá raibh ar na bainistidhibh le linn m'óige, anois ní dheineann an lánamha nuadh-phósta ach glacadh lé cómh-gháirdeachas a gcáirde is bailiughadh leó ar mhí na meala gan coinnimh ná tabhairt amach: mór-dhóthain an tsluaigh. Is oth liom ná fuil sé chómh radhaiseach agam is gur féidir liom do bheith ghá scaipeadh go rabairneach: iomadamhail, flúirseach.

radhaiseamhail: *a.* flúirseach, fairsing, iomadamhail. Ní cuimhin liom cathain bhí iasc chómh radhaiseamhail is tá, níl bannc i bhfarraige ná fuil lán de: iomadamhail. Budh mhaith an bhail ar an dtír seo toradh na mbarraidhe do bheith chómh radhaiseamhail ambliadhna is an bhroid atá os chionn na ndúthaighe: toirteamhail, saidhbhir. Ó tá an bórd chómh radhaiseamhail fé bhiadh is sibh chómh radhaiseamhail leis suidhfead in bhur gcuibhrinn: riarthach: éascaidh chun a ranna. Budh raidhseamhla go mór fé n-a chuid an uair ná raibh an oiread aige, budh bheag air rud do thabhairt duit, anois tá sé ina chníopaire channtalach: dob fhairsinge, flaitheamhla.

radhaiseamhlacht: *b.3.* flúirseacht, fairsingeacht, iomadamhlacht. An croidhe mór, cad dhéanfadh sé? An radhaiseamhlacht thar barr i lár an ghannchain: an meón is an fonn riartha ar an té a bheadh in easnamh. Beidh radhaiseamhlacht féir ar an bpáirc sin: féar go leór. Níor scar an radhaiseamhlacht riamh leis an dtigh gcéadna: dóthain ann is gan na daoine a bheith mion fé. Dá ránguigheadh an radhaiseamhlacht aige níor leasc leis roinnt: an fhlúirse. In aimsir na raidhseamhlachta níor mhachtnuigheamair do lá an ghábhtair: lé linn iomadamhlachta. Sasana ag gearán ná fuil radhaiseamhlacht armála aice go fóill d'fhonn cath ceart do chur: go leór.

radharc: *f.1. b.2.* cómhacht nó feart feicseana, an tsians lé n-a mbreithnigheann an tsúil solas, dath agus cruth ruda; léargas, follasacht; an liomatáiste, an t-achar, an eaga go sroicheann an tsúil é; aon rud infheicthe; amharc; cuid mhór; samhlaidheacht. An é radharc mo shúl do bhainfeá dhíom, a rádh go n-áiteófá orm ná raibh sé ann: an rud a bhreithnighim d'fholach orm: me do dhalladh ar an gcómhacht a ceapadh dom solas, dath is crot do thabhairt fé ndeara. Dá gcuirtí in iúil orm rud a chidhfeadh duine is nár mhaith liom san, déarfainn, "níl aon cheal radhairc(e) ort": tugair-se an iomad fé ndeara. Chongaibheas radharc súl air i rith na haimsire, níor thugas aon fhaillighe ann ar eagla a imtheachta uaim: mo shúile dírighthe air is ar a bhóithribh. I ndoircheacht na hoidhche do bhíos gan radharc gan treóir: ní fhéadfainn faic d'fheicsint agus níor bh'fhios dom cá raibh céim mo choise ag triall. Beidh radharc ar shluaightibh ar an rás: amharc: beidh iomadamhlacht daoine ann. Triúr is géire radharc – seabhac ar chrann, cú i ngleann, cailín i lár cruinnighthe. Ó thainig radharc dom ní fheaca aon áit budh bhreághtha liom 'ná é: faid is tá cuimhne solais súl dom. Dá bhfaghainn radharc im ghort ort do lámhachfainn thu: dá gcuirtheá cos ann. Táid imthighthe as mo radharc, táid ró-fhada uaim: an fhaid sin ó bhaile ná breithnighim iad. Ní fuláir liom nó chuir an fear gránda san rud éigin ar radharc cailín áluinn mar í is a rádh gur phós sí é: dallamallóg ar a shúilibh: nár thaidhbhsigh sé dhi mar bhí sé. Bíodh an fear san féd radharc agat: fair é. Dá mbeadh sé fé n-a radharc ní fheicfeadh sí é, tá sí chómh neamh-chruinn sin: os chómhair a súl. Ó

thug Dia an radharc duit cuir an snáithín sa tsnáthaid dom: feart amhairc: an feart bheith i ndán feicsint go maith. Tabhair radharc dom air: feicim é. Thugas radharc orm féin dóibh: d'fhoillsigheas mo chruth: chuireas me féin ina n-amharc. Cuir ó radharc éinne a thiocfadh isteach é sin: foiligh é: cuir é in áit ná feicfear. A leithéid de radharc ar airgead is fuair an duine bocht os cómhair cléirigh an bhainnc: amharc: ní mór ná gur chuir sé spearbaill air. Bhain an t-oileán radharc na gréine ag dul fé dhíom: amharc: choisc óm shúil í. Ní bhfuaireas radharc ar leath-phingne dá bharr: im sheilbh. Indiu an chéad radharc do fuaireas riamh air: roimhe seo ní fheaca é. Is aoibhinn an radharc Dún Chaoin lé buidhiughadh gréine: an t-amharc: an rud a chidheann an tsúil: scéimh (thalmhan). Radharc uathbhásach, na mná ag lógóireacht annsúd ar an dtráigh os cionn a mbeirt fhear báidhte: an rud a bhí fé léith na súl. Is mór an radharc an siubhal atá ag an gcapall san: siubhal iongtach. "Dhéarfainn gur duine flaitheamhail é" – "is mór an radharc é (le flaitheamhlacht)": níl teacht anuas air. Bhíodh an-radharc talmhan aca san annsan tráth dá saoghal: leathantas. Giorra radhairc(e) ort! maran agat atá an dá chnap-shúil a chidheann gach aonnidh ag cách is gan faic agat féin: caoiche. "Sin í an scilling a chaillis" – "méadughadh is neartughadh ar an radharc agat" .i. ná rabhair choidhche ná go bhfeicfeá go maith. Chidhfeadh sé an fhrigh do bhaint ist oidhche, tá an oiread san radhairce aige: léargas iongtach súl. Radharc na flaithis nár gheibhir: nára b'iad do stáitse déidheannach iad. Dá bhfaghainn radharc ar Shasana ar lár!: dá dtárlóchadh lém linn. Budh radharc leat dhá chaochadh amach iad: thaithneóchadh sé leat an buaidh do bheith dhá chur ortha. Bain radharc as an áit sara n-aistreóchair ann: feic é is scrúduigh é. Tóg do radharc díom!: stad de bheith ag breithniughadh orm. Ghaibh an t-urchar thar mo radharc treasna ó thaobh taobh díom. Gheóbhadh an solas tríd radharc lé n-a neart: ghoirteóchadh. Ní fhágfadh sé aon radharc id cheann: dhallfadh thu. Ní duine gan radharc thu? féach cá bhfuilir ag gabháil: bain áis as do shúilibh. Nuair dhruideann an radharc ón súil druideann an grádh ón gcroidhe: imthigheann an cion nuair imthigheann an duine. Is náireach an bheart d'fhear do bheith ar meisce i radharc an phobail: os chómhair an tsaoghail: go poiblidhe. Imthigh (gread, glan, bailigh, scrios, etc.) as mo radharc!: cuir díot go grod. Choidhche airís ná tair im radharc: ná tair chómh geairrid dom is go bhfeicfinn thu: fan faid mo radhairce uaim .i. tá an ghráin agam ort. Níor mhór duit radharc fiolair chun a bhóithre sin do leanamhaint: a bheith chómh géar, breithnightheach. Aon radharc ar Dhia ní bhfaghair ar a sprionnlaitheacht ataoi: ní leat dul ar neamh. Ar éigean do thugas chun cruinnis an long, do bhí sí faid mo radhairc(e) uaim: an fhaid agus b'fhéidir leis an súil rud do bhreithniughadh. Nuair chailleann duine radharc na súl ní mór lé rádh é: cómhacht bheith i ndán nidhthe d'fheicsint. Ní maith leis an té gur taithighe aige é do bheith ó (as) radharc na farraige: in áit ná beadh sí lé feicsint. Is dóighte an radharc ar gach slighe an Rúis na laetheannta so: tinneasach, uathbhásach. Beidh radharc na gcnoc agat ón ngeannc san: beid lé feicsint. Aon radharc ar Dhia nár fhaghair (drochghuidhe): ná raibh an tsíorraidheacht fé shonas agat. I radharc Dé is daoine is maith is eól duit ná fuil an ceart agat bheith ag tromaidheacht ar éinne: ós a gcómhair: ina láthair. "Is fearr radharc na súl ná seachrán na tola; is díomhaointeas so mar an gcéadna agus buaidhreamh spioraide" (Eccls. VI. 9). "Do gheibhid na daill a radharc agus siubhalaid na bacaigh, glantar na lobhair, agus cluinid na bodhair, dúisightear na mairbh is tá an soiscéal dá sheanmóin dos na bochtaibh" (Matha XI. 5): tagann an solas ina súilibh. "Agus ar an mball do thuiteadar óna shúilibh mar bheadh scamaill agus fuair sé a radharc gan fuireach agus ar n-éirghe dho do ghaibh sé baiste" (Gníomhartha IX. 18). "Agus adubhairt Maois fillfidh me anois

i leathtaoibh agus féachfaidh me ar an radharc mór so, cad fáth ná loisctear an chraobh" (Ecs. III. 3): foillsiughadh. Id radharc-sa féin, dar leat, ná fuil neach mar thu: id thuigsint. Seasaimh im radharc annso: im fhiadhnaise. "Féach anois, do fuair do shearbhfhóghantaidhe grása id radharc" (Gen. XIX. 19): i meas Dé. Níor lugha leis an diabhal ina radharc 'ná me .i. do bhí an ghráin mhairbh aige orm. Chidhfeadh san cuid mhaith, tá radharc chómh géar le gainéad aige .i. chidheann an t-éan san a chreach i bhfad fé uisce is eisean féin go hárd san aer. Níl ag baint radhairc na spéarach de ach rinnce: ghá dhalladh: ní feictear do faic eile ina aigne ná ina smaointibh ach é. Dá mbeadh radharc ar mo chroidhe agat bheadh malairt tuairme agat díom: dá mb'eól duit cad tá istigh ann. Bain radharc súl as, ar son anamann do mharbh, is fiú dhuit é: tabhair féachaint mhaith air. Radharc na Tríonóide nár fheicfir!: ar neamh nár théighir! D'iompuigh an radharc ina cheann leis an scannradh: thug a shúile léim as an ionad ceart. Tháinig seasamh ina radharc nuair chonnaic sé cé bhí aige: féachaint cholgach de phreib. An seasamh atá ina radharc budh dhóigh leat gur eagla do cuireadh air: an scáird: féachaint mhear, neamhshocair. Chuirfeadh sé cor id radharc bheith ag féachaint air: chuirfeadh duine ó chruinn-amharc. Daille radhairce air!: nách breágh chaithfeadh sé é d'fheicsint seachas éinne eile: laigheadughadh solais. Na bláthanna ag teacht i radharc na cré: ar chómh-aoirde léi. Tair i radharc mo dhorais má tá sé de mheisneach agat: chómh geairrid do is go bhfeicir é: buailte leis.

radharcach: *a.* go radharc, go solas súl; breithnightheach, ag baint lé ball na súl. Táir an-radharcach má chidhir tigh an fhaid sin ó bhaile: solas maith sa súilibh. Aibidh-radharcach i gcómhnaidhe gan aon rud ag imtheacht i nganfhios do. Táim ró-chaol-radharcach gan spéaclaidhe chun léighte: níl an fhairsinge solais ins na súilibh. I gcumhang-radharcaighe atá sí ag dul, an uile lá: ag dul i laige ann. Na súile géar-radharcacha do bhí dhá chaitheamh ar fuaid an tighe, budh dheacair d'aon rud do bheith i ngan fhios do ann: féachaintidhe breithnightheacha. Ní maith liom silleadh do shúl táir ró-rinn-radharcach dom: gabhann do shúile tríom. Dá mbeifeá gearr-radharcach ní fheicfeá in ao'chor é! .i. chidhir-se an iomad. Bhuail sé fé n-a ndéin go faobhar-radharcach: deallramh ar a shúilibh go raibh sé rithte chun bearta do dhéanamh. Faic ní fheicim trís na gloinidhibh seo, nílid glan-radharcach a ndóthain: smúit nó doircheacht ortha. Tá na súile go glan-radharcach indiu ionat: beó, aibidh. Táim lán-radharcach fós, moladh lé Dia: mo radharc ar fad agam. Ní gearr-radharcach atá sé in ao'chor ach mall-radharcach: bíonn tamall ann sara dtugann sé rudaidhe chun cruinnis. Bhailigheadar san stór i dtúis an chogaidh le haghaidh na gannchúise, daoine fad-radharcacha iad: a mheádhas rudaidhe i bhfad roim ré. "Nách dall-radharcach a éirigh sé dhuit", deirtear lé duine gur thárlaidhe rud do ná beadh súil agat leis uaidh. Is cama-radharcach an diabhal amadáin thu ná féadfá aon rud do dhéanamh go díreach!: gan cruinne ionta.

radlach: *f.1.* aon rud bog, fuaiscealach. Radlach móna: móin go bhfáiscfeá uisce aiste. An féar an fhaid sin fén sín is fén mbáistigh go bhfuil sé ina radlach: bog, uisceamhail.

rae: *f.4.* mágh, ródh. D'imthigh an mada ruadh an rae amach ag faoibín uaim: chuir sé de an méid talmhan a bhí im radharc. Bíodh an rae go léir fútha féin: an ródh: an fhaithche: an bán.

ráfla: *f.4.* tuairisc nó cainnt choitcheann, scéal reatha, “dubhairt sé dábhairt sé”; “dubhairt bean liom go ndubhairt bean léi”; scéal scéil; glór, geóin, ceól. É ina ráfla sa bhaile mór indiu go gcuirfear cosc ar fad ar an dté: é i mbéal gach éinne ach gan aon deimhniughadh. Níl id bhéal is id bhrághaid ó mhaidean ach é, déanfair ráfla dhe: leathair ar fuaid na seacht bparróistidheacha é. Cuireadh amach ina ráfla air go raibh mac toghartha aige: tuairisc bhréagach. É ag imtheacht ina ráfla go rabhadar lé pósadh, ach ná féadfá géilleadh do thabhairt d’aonnidh aimsir na hInide: tuairisc gan deimhniughadh. Ó d’imthigh sé mar ráfla orm: focal reatha gan machtnamh do chaitheamh leis. Éist agus stad tamaillín éigin, nách ort atá an ráfla: an fonn cainnte. Shíneas siar ar mo chroidhe ag éisteacht lé ráfla na n-éan: ceól: treithear. Cad deir ráfla na mara?: cad is bun lé n-a síor-dórd. Is mairg a dhéanfadh talamh slán de ráfla: a ghéillfeadh do “dhubhairt sé dábhairt sé”. Ráfla an diabhail bhuidhe i gcluais liom: glór is fothram. Éirigh is déin an té, tá ráfla ag an gciteal so: usmairt: glór.

ráflach: *a.* cainnteach, suainseánach, comhchainnteach, glórach. Ní chuirim mór-shuim in aonnidh adeir sé, duine ráflach mar é: claon lé “luthargán” do chreideamhaint is lé scéal bhuid a’bhóthair do scaipeadh. In aimsir chogaidh do bhíonn na páipéir in aoirde a láin go ráflach: ag scaipeadh an uile-shaghas scéil fíor is bréag. Ná bí chómh ráflach anáirde ar an lochta annsan, tá ár gcluasa bodhar agat: chómh gleódhach. Ó Dhaingean aníos níl fear is ráflaighe ’ná thu, do lá is do shaoghal do chaithfeá ag cainnt le bod a’bhóthair: cómhchainntighe. An ciotal go ráflach ar ghríosaigh theineadh: usmairt aige ag fliuchaigh.

rafláil: *b.3.* scéal reatha gan deimhin; comhchainnt. Is é a mhoilligh thu bheith ag rafláil leis gach ar bhuail leat: ag comhchainnt. Leath na raflála a bhíos ar siubhal in aimsir chogaidh níor cheart do chreideamhaint mar ná bíonn bun ná barr leis: na scéalta reatha a bhíos i mbéal gach éinne. “An bhfuilid ag pósadh?” – “tá rafláil air”: cainnt ameasc daoine, acht gan deimhniughadh. Ná déinidh rafláil air sin anois, coimeádaidh ina rún é: ná scaoilidh amach é. Beidh rafláil an domhain ina thaobh, is deacair é do réidhteacht dréir mar thuigim-se: gleódh is cainnt. Cé thabharfadh géilleadh do rafláil ban: suainseán ban.

raflálaidhe: *f.4.* aithrisidhe neamh-cháiréiseach, suáinseánaidhe; duine go mbeireann stró air. Oiread is focal níor chuibhe do chreideamhaint ón raflálaidhe scail-fhéitheannach san: duine gurb é a gheaindí bheith ag leathadh scéalta, bun do bheith leó nó gan do bheith leó. Ó Chorcaigh aníos ní bheadh aon scéal ná go mbeadh ag an raflálaidhe sin pé áit go bhfaghann iad, nó pé cuma go dtagann ortha: beadaidhe go mbíonn a bhéal ’sa chluasa ar síor-leathadh aige, ar lorg ’sag leathadh scéalta. Is é an raflálaidhe é, níl aon áit ina mbíonn sé ná go mbíonn gleódh: gleódhghálaidhe. An nath níor cheart do chur sa raflálaidhe san, is cuma leis ach bheith ag aithris ar gach aon rud a chloiseann sé: bíodánaidhe. Dhera, an raflálaidhe bocht níl aon díoghbháil in aon rud adeir sé: duine go mbíonn a bhéal ar leathadh aige ag síor-chur as.

ragadh: *f.1.* duine árd, lom; ainmhidhe cnámhach, lom, focal tarcuisne; rud righin gan bhlas gan tairbhe; mí-iomchar. Ina ragadh droch-mhaitheasach atá sé riamh: duine mothúilt: duine tur. Sin í an ragadh mná chun buailte isteach chúiche: bean gan féile gan

chainnt. Ní bheir choidhche ach id ragadh i mbun siopa: fear neamh-shubháilceach, ná tabharfadh cáirde uaidh is ná beadh sughadh ná tarrac daoine ann. Ragaidhe díomhaoine ná déanfadh lá oibre chun an ocrais do choimeád uatha féin: leadaidhthe. Beidh an ragadh choidhche id dhiaidh, cad a chuir bruighean anois ort?: donas is tubaiste. D'imthigh an baile chun ragaidh ar fad, tráthnóna mór 'e ló, bíonn gach éinne ag gluaiseacht abhaile as: chun na haindeise. Ragadh capaill a íosfadh muileann: capall mór-chnámhach a íosfadh a mheilfeadh muileann de mhin! I dtábhairne an ragaidh do chaith sé furmhór a shaoghail: tábhairne an mhí-iomchair. Nóra an ragaidh: Sighle na bportaidhthe: an chorr-iasc. Fiacla madra nár mhór duit chun an ragaidh sin do stracadh as a chéile: feóil righin. Fág an tslighe uaim, a ragaidh, níl anam ná anál ionat: duine gan aon phreab, righin chun corruighthe: neamh-fhonnmhar. Ragadh tairbh ná beadh bó dortha go ceann seachtmhaine aige: ceann gan anam. Níl faic déanta ó mhaidean agam ach im ragadh sa bhaile: im leadaidhe dhíomhaoin.

ragaire: *f.4.* duine a oibrigheas déidheannach. Bíonn oiread tuirse air tar éis é do stad leis an lá mór 'e ló ná bheadh ar an ragaire go mbéarfad an oidhche dhubh sa ghort air: oibridhe déidheannach.

ragairne: *f.4.* áirneán fada, deireannaighe ag filleadh abhaile ist oidhche; déidheannaidheach; beatha ólacháin, cearrbhachais, caithteachais. "Ní mochóirghe í seo, ach ragairne" ars an fear a thug an oidhche suas chun bheith in am chun mhargaidh: áirneán suaidhte. Rug ragairne éigin air ar fhaid atá sé gan teacht is an deithineas a bhí leis: stró: moill éigne. Aon néall níor thuit orm, bhí an codladh imthighthe chun ragairne orm: chun siagaidheachta. Beidh ragairne fhada ar an gcogadh so: raghaidh sé i bhfad is i bhfad sara dtiocfaidh síothcháin. Ná leig aon ragairne ort féin, bí ag baile go luath: ná leig d'aon rud tú do mhoilliughadh. An deoch is an ragairne do luathuigh lé n-a bhás: an mhoille, an tsiléig is an righne a leanas í. Cad é an ragairne atá ar siubhal annso go bhfuil an gleódh go léir ann?: an suathadh. Fé bhun ragairne do bhreith orm bead in am: rud éigin a chuirfidh de me dem aindeóin. Éistidh anois, tá an scéal imthighthe chun ragairne a dhóthain: an iomad sians déanta cheana dhe. Agus me ag dul ag obair go han-mhoch ar maidin bhuail gasra ragairne liom ar an sráid ar a slighe abhaile: dream a chaith an oidhche le rinnce nó ólachán: leadrán oidhche.

ragairneach: *a.* tugtha do nó claon lé déidheannacht, leadrán nó siléig; moille trí ólachán nó cuideachtan shúgraidh. Clann ragairneach a raibh sa tigh sin, leis an ngealbhan a thagaidís abhaile: a thugadh an oidhche as baile lé leadrán dighe, cuideachtan ólacháin etc. Ná bí ragairneach má fhéadair, beidh imshníomh ortha sa bhaile id dhiaidh: siléigeach gan ghábhadh leis: ná caith t'aimsir lé cómhchainnt, cuideachta, caitheamh aimsire ná ólachán. Cá bhfuil an rud is ragairnighe 'ná an t-ól: a choimeádas duine lé déidheannacht, a mhoilligheas duine is a chuireas dá chúram is dá thriall é. Seachtmhain ragairneach seadh seachtmhain iascaigh oidhche: is fada gur féidir lé duine dul chun suain. Ní bheadh iontaoibh ag éinne rud do leigeant leat (teachtaireacht), bír ró-ragairneach, ró-shiléigeach: claon lé hiomad stróidh do bhreith ort is nách ceart muinghin do chur asat ina thaobh san. Is baoghal liom, cé ná bíonn leigheas agam air, go bhfuilim ragairneach leis an obair seo: mall de dheascaibh gan na haire budh cheart do thabhairt di.

ragairneach: *f.1.* duine a fhanas ón mbaile go déidheannach san oidhche trí (dhroch)-chuideachtain, ólacháin, rinncidhe etc.; fuairthéidh ar an mbóthar (ón dtigh), stródhaire. An ragairneach athar atá aca ná feicid choidhche ag teacht abhaile in am ist oidhche: siléigidhe. An maoidhfeá asat féin bheith ag gluaiseacht it ragairneach ó thábhairne go tábhairne go gcaithtear amach thu?: géibirne.

ragairneáil: *b.3.* rasaireacht, déidheannaidheacht trí scléip, imirt, ólachán, etc. Lé n-a linn rug ragairneáil air agus duine dob eadh é ná raibh ró-aireach air féin, níor bh'iongadh é do thuiteam chun droch-shláinte: rastaireacht: fanamhaint ón mbaile lé scléip no digh nó imirt go "gealadh an lae". Tá an tigh seo ag dul chun ragairneála ar fad, níor éirigh éinne indiu ann go headarshuth bó ná deaghaidh a chodladh roim ghlaoidh an choiligh: imthighthe dhóibh féin lé mío-thráthamhlacht.

ragarnálacht: *b.3.* aiste an ragarnálaidhe. Mianach na ragarnálachta ann, "Séamas na Maidne" a tugtí ar a shean-athair. Chuaidh an ragarnálacht chómh ceangailte sin isteach 'na chreat gur dhóigh leis ná mairfeadh sé gan fanacht amuigh go maidean.

ragarnálaidhe: *f.4.* duine claon leis an ragairne, siléigidhe, leadránaidhe. Ní fios cathain shroichfidh an ragarnálaidhe sin an tigh, tá sé ag déanamh ar mheádhon-oidhche cheana féin. Ó thigh tábhairne go tigh tábhairne is ó thigh ósta go tigh ósta go maidean gheal, sin mar atá ag an ragarnálaidhe. Brostuigh ort, a ragarnálaidhe, dhéanfadh duine eile oiread in uair an chluig is ná déanfá ar feadh mí: moillightheóir.

ragallach: *f.1.* duine gan tairbhe; feóil righin, do-dhithleaghtha. "Mairtfheóil ann ar dhá thuistiún an púnt; nár bh'ait leat é is ós chionn scillinge sa tighthibh eile uirthi" – "tá, ragallach nár mhór duit stranaidhe con chun a meilte": rud righin, snáithíneach. Ragallach móna ná déanfadh Éire teine dhi: fóid righne, shnáithíneach gan an mianach ceart. Ar an Mumhain do shiubhal lé chéile ní casfí ragallach fir mar é leat gan teacht aniar ná cneastach: púice coimhtheach. Budh mhar a chéile dhuit, an ragallach san do chur i mbun gnótha nó gan é do bhac, níl aon eólas air is ní fhoghlumóchadh sé eolas: duine gan tairbhe gan maitheas. Gaiscidheach ar a bhéal é, ragallach ar a thástáil a theichfeadh ó leanbh: meathtach.

ragamáil: *b.3.* saoghal maith, scléip, práisc. Níl oiread cúis chainnte agat-sa go raibh ragamáil mhaith tamall agat, gan easbhaidh gan duadh is tá ag daoinibh bochta nár bhlais séan ná sonas: saoghal ar do thoil. Crích na ragamála droch-shláinte is bochtanacht: iomad na scléipe: beatha ainshrianta. An ragamáil oidhche seo i mbailtibh móra is olc í don anam is don gcolainn: saoghal ainshrianta. Díolfair lá níos sia anonn ná an lá indiu as an ragamáil seo, airgead ag imtheacht tríd ladhrachaibh ar nós na gainimhe: caithteachas fiadhain.

ragamálaidhe: *f.4.* baoth-chaithteóir, duine ró-rabairneach, scléipeach. Ciall ná meabhair ní fhanann aige nuair théigheann ar dhigh, é ina ragamálaidhe ag tabhairt gaoithe dá sparán: caithteóir gan aon teóra. Bailighid i dtímcheall an ragamálaidhe, mar bhaileóchadh éanlaithe an aoir ar shíol gráine: an té a bhíos ag scaoileadh lé n-a chuid. Budh mhaith an rud san seachtmhain, seadh nó coighcíos lé scléip, ach a shaoghal do

thabhairt ina ragamálaidhe ag ól 'sag reic, ag imirt, gan de chuimhneamh aige ach aoibhneas na colna. Níl sé ina shláinte ná ina ghustal aige do bheith ina ragamálaidhe: i gcorp 'si bpóca tá sé ró-lag do bheatha scléipigh.

ragarnálta: *a.r.* neamh-shocair, fánach, mí-riartha, leadránach. Is minic a cuireadh i bhfighis air gan bheith ragarnálta nó go dteangmhóchadh do sa deireadh: gan bheith leadránach: mall san oidhche: siléigeach ag filleadh abhaile. An tigh seo chómh ragarnálta san aca tar éis na bainise ná faghfá faic thoir thiar ná thall: trí chéile. Ar m'eólas níor bhuail éinne liom budh ragarnálta 'ná é, chaithfeá an lá is an oidhche ag feitheamh leis, is aon deabhadh ní bheadh air chun gluaiste: budh righne chun fillte ar a thigh nó ar a chúram. Is ragarnálta an bheatha chaith sé annso agus i Mearaice, gan lonnughadh in aon bhall air: neamh-shocair, fánach. Admhuighim go mbím ró-ragarnálta lé déidheannaighe lé pé cúram do cuirtear orm, is go mbíonn na daoine mío-shásta im thaobh: faid-sligheach: ná friothálaim mo dhualgas mar budh chóir.

ragarnghail: *b.3.* fánaidheacht, mí-iomchar, áidhbhéiseach. Aon phioc oibre ní fhéadfainn do dhéanamh ag an ragarnghail atá agaibh ar fuaid na háite: ranngás fiadhain. Leath do shaoghail ag ragarnghail gan aon chuimhneamh ar thairbhe an tighe: ag fánaidheacht: gan aidhm gnótha.

ranglamán: *f.1.* duine nó ainmhidhe bog, aindeis, síor-chnáimhseánaidhe, "léasán lice". An ranglamán, cad leis go mbeadh súil agat uaidh ach ciotarúntaidheacht, nách é sin cuma atá air: duine go gcuirfeadh a chlódh ina luighe ort ná féadfadh sé bheith béasamhail. Ranglamán capaill nách é gach éinne go dtaithneóchadh sé leis, ná go n-oirfeadh sé dho, mío-thapaidh ar bhóthar, aindeis fé threabhadh: ainmhidhe neamhghasta, neamh-anamamhail. Gach aon lá ó phós sí é tá sé ina ranglamán, gan gnóth, gan obair ann, furmhór a saoghail ar a leabaidh aige: léasán lice. Cuir díot as mo radharc, a ranglamán níl lá ná oidhche ná go mbíonn buinneach nó buinnleac ort: cnáimhseánaidhe i dtaobh a shláinte.

raghnall: *f.1.* ainm fir. "Má théigheann ó Thadhg ní rachaidh ó Raghnall": is é a dhán tuiteam lé duine den mbeirt. Ní Tadhg ná Rághnall is ainm dom: ní haon ainm choitcheann í.

ráib: *b.2.* gaiscidheach, duine fial, fáilteach, bronntanach. Níl ráib annso ach é, ní lugha ag fear eile scilling 'ná púnt aige: fear croidhe-oscailteach. Ráib den bhfuil cheart é sin, ní leigfidh sé aon leath-cheann ort: préamh go bhfuil an mianach ceart ann.

ráib: *b.2.* seáp, eitim, sciúird, ruthag, geábh. D'aon ráib amháin chuaidh an cat glan anáirde sa frathachaibh ag teicheadh ón madra: pocléim: lingeadh. D'éirigh sé le cuthach ar chlos an scéil mhío-thaithneamhaigh, is níor stad den ráib sin go ndeachaidh sé i láthair na bobhtála: den sciúird ghluaiste sin. D'árduigh an fharraige léithi de ráib an bád, is do smiotadh i gcoinnibh falla an chuasa í: d'iarracht an-thréan. "Níor stadas den ráib sin go dtánga 'on Daingean ar cuaird": gluaiseacht mhear: den iarracht san. Thug sé ráib fúm: rothag: rith sé go lán-mhear fém dhéin mar bheadh chun me d'ionnsaidhe. Thug an cigire

ráib ar an scoil: geábh: cuaird gan choinne léi. Ní har mhnaoi ná ar bheirt do thug an ragmálaidhe sin ráib: d'aithin iad.

ráib: *b.2.* plannda cosamhail lé gabáiste a cuirtear do chaoiribh, an síol ráibe as so tugtar d'éanlaithibh é. Meacan ráibe: teornap.

raibhéar: *f.1.* fairsinge. Níl aon cheal raibhéir ort chun bheith ag caitheamh do thóna má tá fonn ranngáis ort.

raiblín: *f.4.* suarachán ainmhidhe. Budh mhór go léir an luach a bhí ar stoc, raiblínidhe a bhéarfá thiar i dtéadán leat ag dul sa déagaibh de phúntaibh. Déarfainn go bhfuilid an-dhealbh anois, níl aca ach dó nó trí raiblínidhe bó: ainmhidhthe gorta.

raic: *b.2.* máchailiughadh áthraigh lé gaoith is farraige, go gcaithtear a thréigean; briseadh luinge ar scairbh, carraig, talamh, etc.; blodhtacha nó fuighleach as áthrach bhriste, etc.; mion-ramh. Deineadh raic di nuair bhuail a srón ar an bhfochais: do briseadh ina blodhtachaibh í. Mór-chuid raice ar snámh i mbéal na bhfaillteach: blodhtacha de longaibh bhriste nó cuid de last luinge. Clár raice a bháidh é: clár ag imtheacht leis an muir. Táim im raic ag dathachaibh, táim casta crapuighthe ar a chéile aca: gan aon tairbhe. Déanfaidh an capall san raic ort, tá sé an-mhalluighthe: cuirfidh sé iomard ort. Is oth liom a rádh leat go bhfuil sé ró-mhaith dhuit, go ndéanfadh sé raic díot ar gach slighe go maidean: go mbuadhfadh díreach mar budh mhian leis. Déanfaidh an t-ól is an ragairne raic díot mara dtréigir iad: díoghbháil. Imtheóchaidh na tíortha chun raice ar fad má leanann an cogadh so dhe i bhfad eile: chun anataise: chun oilcis. Toisc gan éinne do bheith chun cómhnaidhthe sa tigh d'imthigh sé chun raice: do rinne fothrach de. Déanfair raic ded chuid éadaigh Dhomhnaigh má bhír ghá chaitheamh gach lá: laitfir é. Budh mhór an truagh an áit do leigeant chun raice: i léig. Deineadh raic díom ag imirt chártaidhe: buadhadh go mór orm. "D'aithneófá air go bhfuil an codladh dulta chun raice dho": nuair bhíonn duine ag srúmatáil dá aindeóin is ná féadfadh fanacht ina dhúiseacht. A leath-oiread raice ní dhéanfá dhíot féin dá n-éisteófá do bhéal: díoghbháil. Tá sé ina thigh raice aca, ag déanamh pé nidh is maith leó leis: curtha trí chéile: gach aon rud bun os cionn aca.

raic: *b.2.* achrann, bruighean. Tá sé ina raic eatartha, sin iad ag gabháil ar a chéile iad: ina bhruighin. Móirsheisear éigin aca ag gabháil ar a chéile ná feadraidís sa deireadh sa doircheacht cé air go mbíodh stiall aca, é ina dhearg-raic eatartha: suathadh is tuargaint dhiamhair, dhochaiseach.

raicín: *f.4.* raca beag, cíor cinn. An raicín óir a cheannuigheas dom bhábán dá ceainnín fionn. Raicín beag iarainn aice ag corruighe na cré ameasc na mbláthann: raca beag go bhfiacla iarainn.

raid: *b.2.* aon rud bog gan puinn tairbhe. Raid mhóna atá ag imtheacht ina smúit: gan fáscadh gan dlúth.

raideamhail: *a.* speachamhail, malluighthe; glic, sleamhain, claon lé crosaibh do dhéanamh. Capall raideamhail mar é níl aon ghnóth ag daoinibh óga ina dhiaidh ach go háirighthe, ní fios cathain a thógfadh sé a dheireadh: speachamhail: malluighthe as a chrúbaibh. Tá sé raideamhail, ní fios do dhuine cad é an fhaid a fhanfadh sé gan léim do thabhairt: thiocfadh teadh obann ann éirghe amach. Nuair budh dhóigh leat gur bh'é do chuid féin é bheadh a aigne id thaobh na céadta mílte uait, tá sé raideamhail amach is amach: glic. Bheadh a phócaidhe ag brúchtghail lé hairgead is budh dhóigh leat ar a bhéal go mbeadh chómh dealbh léd bhais, tá sé chómh raideamhail sin: sleamhain, glic, ábalta ar rud do cheilt.

raideamhlacht: *b.2.* tugthacht do bhualadh leis na crúbaibh deiridh; stailc do chur suas, etc. Mianach na raideamhlachta chómh doimhin sin sa mhiúil ná féadfá dul in aon ghaobhar dá deireadh: an speachghail. D'aimhdeóin a chiúine is a mhacántachta anois tá an raideamhlacht ann, is ní fios cathain thabharfadh sé an cor duit: an mianach chun feallta.

raideóg: (**rúideóg**) *b.2.* speach, caitheamh, urchar; péac. Fuair an t-aiseal raideóg a chuir ag cosanáirde é: speach: dó-bhuile. Buaileadh cruinn díreach isteach i gclár an éadain lé rúideóig (chloiche) é, a chuir ina shuidhe ar a thón é go breágh, galánta: urchar. "An raghair 'on Daingean aon lá?" – "b'fhéidir go tabharfainn raideóg ann": geábh: turus ná tógfadh mórán aimsire. Thóg an reatha an leanbh de rúideóig dá adharcaibh, gur thóg leis é mar thógfadh fód móna: caitheamh. Níor fhág sé árus ná balcais ná gur chuir sé de rúideóig amach ar an mbán: caitheamh fuinneamhail. Budh dhiail an raideóg an teilgean chloiche do chur chómh fada san: urchar.

raidte: *a.r.* speachta, buailte leis na crúbaibh deiridh; éirighthe chun stailce is tuaisceartachta; caithte; teilgthe; labhartha. An oiread cainnte raidte uait anois agat is chuirfeadh ciach ar dhuine eile: curtha uait go glórach, pras. Ní stadfaid Éire anois é, go bhfuil sé raidte: éirighthe chun cainnte, etc., chun stailce. Táim raidte ag an mhiúil: buailte lé n-a crúbaibh. Tá laogh raidte uaithi ag an mbuin: beartha go hobann nó roim a hionbhaidh. Ní raibh ball troscáin sa tigh ná raibh raidte amach ar an mbán ag na báillidhibh: teilgthe gan féachaint do n-a n-aire. Sin a bhfuil de chártaidhibh maithe aige ná go bhfuil raidte aige: imeartha. Ní gábhadh aon eagla bheith ar dhul ina ghoire anois, tá sé raidte: a neart caithte aige.

ráidhte: *a.r.* labhartha, aithriste; ina thuairisc. Cad tá ráidhte agat mar sin?: cad mheádhann tu? Ní fheadar an fíor nó bréag é, ach tá sé ráidhte ort: é ina thuairisc ort. Tá sé ráidhte in aonfheacht agat: ní gábhadh focal eile ina thaobh. Tá sé ráidhte riamh nách fearr biadh ná ciall: seanfhocal seadh é. Ní raibh san ráidhte liom go dtí so: sin rud nár casadh liom. Is minic ráidhte thar mo cheann é: labhartha dhom. Ráidhte go binn: aithriste: labhartha.

ráidhteach: *a.* cainnteach, béal-scaoilteach. Duine ró-ráidhteach níor mhaith liom puinn dem aigne do thabhairt dom: béal-scaoilteach. Is beag duine ar m'eólas chómh deas-ráidhteach leis, bíonn an carbhall ceart ar bharr a theangan aige: deas-bhéalach. In aon áit go mbuailfeadh sé leat ní chailleann sé a chainnt, duine ceart cómh-ráidhteach seadh é:

leagtha lé cómhrádh is cainnt. Is fada im bheathaidh me is duine níos droch-ráidhtighe ’ná é níor casadh i mball ná i mbeárnain riamh orm: is gráisceamhla. Bean lághach, chaoin-ráidhteach i mbun siopa í: soilbhir i gcómhrádh. Cuideachta binn-ráidhteach seadh é, ní bhfaghfá cortha choidhche dhe: milis-bhriathrach: eachtraidhthe is scéalta aige gur bh’fhiú éisteacht leó.

ráidhteachas: *f.1.* tuairisc, luadhail, trácht, tásc. “An mbeidh cruinniughadh mar siúd sa chathair?” – “tá ráidhteachas air”: cainnt gan dearbhadh. Níl agam-sa ach ráidhteachas na ndaoine, ní fheaca féin faic lém shúilibh cinn: an chainnt atá ag gabháil tímcheall. Ná géill choidhche do ráidhteachas áirighthe, téigheann an t-éitheach i bhfad: dá mbaramhail. Bhíodh sé i ráidhteachas na seandaoine go raibh ór curtha san úin sin: ina gcuid eachtraidhthe. Ar airighis aon ráidhteachas ar bhreis té bheith lé fagháil againn?: aon trácht: aon tagairt ameasc daoine: aon fhocal dóchais. Gheóbhair ráidhteachas iomlán ar an rud atá ag déanamh mearbhaill duit sa leabhar úd: trácht cruinn. Má déintear aon ráidhteachas de n-a bhfuil tugtha agam díbh anois beidh deireadh agam libh: aon chainnt: lúdráil.

ráidhteacht: *b.3.* cainnt; trácht, cunntas. Aon ráidhteacht níl fós ar cathain a thiocfaidh sé nó ná tiocfaidh: cunntas: cainnt.

ráidhteas: *f.1.* rud a bheadh ráidhte, go mbeadh tagartha dho. Ráidhteas ait d’fhear foghlumtha ná fuil an domhan cruinn: tuairm chainnte.

ráifléis: *b.2.* cainnt mhearbhallach, gan bunadhas, suainseán, aimideacht chainnte. Ná cuir aon tsuim ina chuid ráifléise, níl aige ach “dubhairt sé, dábhairt sé”: seafóid chainnte. Cuir uait an ráifléis sin agat, is labhair i slighe go dtuigfear thu: briollabhrealla. As do chuid ráifléise tá muinntir an bhaile curtha trí chéile agat: brealláil chainnte. Sara raibh sé tagtha chuige féin tar éis tuiteam ní fhéadfá aon tuigsint do bhaint as an ráifléis a bhí aige: rámhaill: spearbaill. Cé deir gur cainnteóir maith é? dar ndóigh ní bhíonn aige ach ráifléis de bhreis ar an té go mbeadh eólas ceart air: cainnt gan bunadhas, gan fuaimeant. Chaithimís an bheirt againn an oidhche cois teineadh ag ráifléis, mar ná bíodh áit ar bith againn lé dul ná rud lé déanamh in uaigneas na coille: ag cómh-chainnt ar choraidhibh an tsaoghail.

ráig: *b.2.* turus obann, seáp, ionnsaidhe; taom, ríog, taod, raiste; coimheascar, gleódh. Scuab an bád fé thuinn an cuan isteach fé ráig is chuir máirnéalaigh i dtír: de sheáp: gan stad ná iompódh ar aon taobh. D’imthigh sé de ráig ar thuairisc a athar nuair fuair sé cunntas go raibh sé ar thuilleamh báis: de thapaigean, gan mhoill ná siléig do dhéanamh. Tugadh ráig ar ráig ar an gcathair sarar ghéill sí: ionnsaidhe i ndiaidh ionnsaidhe. Tháinig ráig cheatha aniar dtuaidh a chuir barra geal ar an bhfarraige: raiste trom, fuinneamhail. B’iongtach an ráig a bhí aca ag leagadh agus ag éirghe ar a chéile: coimheascar cealgánta. Choidhche ní bhfaghaidh an cailín sin aon fhear, tá an iomad ráige ag baint léi: cailín gan stuaim, gan staidéar. Ráig mhór ins an tigh seo anocht, mar a bhfuil ranngás is ceól is rinnce aca: táid ag déanamh comharthaidhe sóirt aoibhneasa. Aon smacht níl ar an óige, táid imthighthe lé ráig ar fad dóibh féin: a n-aoibhneas féin atá ag déanamh an t-aon mhearbhaill dóibh féin. Ar feadh na hoidhche go dtí in aice an lae bhí faoiseamh ón bpian

ach aon ráig mhór amháin tinnis a tháinig air: taom dian. Ráig ortha, maran ortha atá an teasbhach: mairg go raibh ortha: rud éigin obann a choiscfidh iad.

ráigidhe: *f.4.* fánaidhe, scraiste, duine a shéanfadh cúram. Ag imtheacht ina ráigidhe ó bhaile go baile is ó cheanntar go ceanntar, bíonn sé chómh teann le tighearna: fánaidhe bóthair. Go ndéanfadh an ráigidhe sin luighe lé hobair? ná creid é: scraiste atá dochmamhail roim obair. Na ráigidhthe clainne atá agam-sa ná feicim ó mhaidean go hoidhche do mhillfidís croidhe éinne: clann gurb é a gcúram bheith ag scraistidheacht leó ó bhall ball ag seachaint oibre. Ráigidhe bó ná fágfadh gort ina tímcheall ná raghadh ag bradaidheacht ann. Raigidhthe díomhaoine: fuairthéidhthe.

ráigidheacht: *b.3.* fánaidheacht, díomhaointeas, fiadhaireacht feadha, scraistidheacht. Ag teacht abhaile ón aonach d'imthigh na beithidhigh as a n-eólas ar ráigidheacht: amudha. Ainmhidhthe ráigidheachta tar éis aonaigh: a bhíos ag dul amudha is ar fán. A shaoghal beatha do chaithfeadh sé ag ráigidheacht, claoidhe lé haon áit ná lonnughadh ann an cuimhneamh is sia siar ina cheann: lé fánaidheacht. Ráigidheacht a fhág do chuid fóghmhair ag sileadh fén sín nuair bhí sé san iothlainn ag gach duine críochnamhail: "scáinteacht" roim obair: dochma roim aonnidh do dhéanamh. Béas ag óg-mhnáibh anois bheith ag ráigidheacht ó thábhairne go tábhairne: ag tabhairt geábha ortha ceann ar cheann.

raigín: *f.4.* duine táir suarach. Is lé déidheannaighe d'imthigh sé ina raigín ar fad, bhí galántacht éigin ag baint leis tamall ó shoin, a lámh sínte ag déircínteacht ar gach aon chor anois: gan meas fir aige ar féin. Ar an sean-éadach a bhí air, adeirir liom, ní fhéadfadh gan cuma an raigín do bheith air: an duine a bheadh imthighthe chun anatais: duine ná fanfadh an oiread san móiréise ann is go dtabharfadh aire dá chlódh. Raigín éigin sprionnlaithe a thógfadh rud as láimh leinbh: duine gan bunadhasacht fir in ao'chor. Sin mar tá seisean riamh ina raigín, leis an dtaobh so indiu is leis an dtaobh eile ambáireach: ar aiste ná mothófá dho ach dí-mheas is fuath. Cad é sin ag staigínidhe sráidbhaile, raigínidhe tuaithe?: dream mór-chúiseach trí ghustal dí-mheastamhail ar stollairidhibh tuaithe: daoine neamh-iontsuime trí bhochtanacht. Níor saoghaluigheadh leat, ná níor tugadh chun baile leat, mise bheith im raigín agat, ag leadhbadh do chos duit!: curtha ar aon rian leis an maidrín lathaighe. Id raigín ó thigh tábhairne go tigh tábhairne, ag brughadh muinnteardhais ar gach éinne, ag tnúth lé digh: imthighthe chun an phota maidir lé meas. Ina raigín drúncaera atá sé gach aon lá riamh: ar meisce do shíor is ag tabhairt náire dho féin léi. Sin é, imthigh id raigín anois d'fhéachaint cá bhfaghfá iasacht rothair, is do mhéar id bhéal agat: rud suarach ar lorg gan aon náire.

raigíntidheacht: *b.3.* iomchar suarach, scraistidheacht tháir; aiste ná tuillfeadh ach táir is fuath. Níl ins an obair seo, bheith ag marbhadh éisc, dhá dhíol ar neamh-nidh, ag cur géire ar phláta ceannaidhthe, ach raigíntidheacht dúinne: obair a thuilleas fuath is déistinn. An bhfágfaidh an raigíntidheacht choidhche thu? ag brath ar do chómharsanaibh chun tú do chongbháil i dtobac: suaraidheacht. Raigíntidheacht d'aon duine fásta gan é féin d'iomchar: dí-mheas.

ráil: *b.2.* *7* *5.* sparra, comhthrománach, adhmaid nó miotail, ar chuaillidhibh nó uaithnidhibh chun cosanta do dhéanamh nó gan leigeant do rud tuiteam d'ardán nó stáitse; cliath staighre; crannghail altóra; na raillsidhe cruaidhe cóimhshínte, ina luighe ar threasnánaibh go néid achair fhada i gcóir gluaiste traenach etc.; cliath árd adhmaid socruighthe ar thrucail chun árd-ualaigh do chongbháil i bhfochair a chéile. D'imthigh an traen den ráil: d'fhág sí a rian nó a lorg. Chuaidh sí ar a dhá glúin ar ráil na haltóra chun comaoine do ghlacadh: an chliath adhmaid etc. os coinne na haltóra. Ráil iarainn ar chliathán an áthraigh ná tuitfeadh éinne i bhfarraige: cliath iarainn: seastáin is treasnáin greamuighthe dá chéile. Ráil mhóna, fheamnaighe, olna etc.: lán trucallach go n-a cléith anáirde go barra. Lé teanntughadh rálach an staighre do théigheann sí anáirde, anois an bhfuil sí lag?: an chliath adhmaid atá ina chosaint leis.

raillse: *f.4.* clár caol, fada; ceachaill; aon rud fada, caol, cruaidh. Na raillsidhe cos atá fúithi, ní hiongadh dhi rás do bheith innte: cosa fada, cruaidhe go bhfuil cuma lúthmhar ortha. Tairng chughat do raillsidhe (cos), táid ag teacht sa tslighe ar na daoinibh: spannlaidhe. Raillse mar bheadh ar thaobh áthraigh atá ar snámh ann: blúire fada adhmaid mar bheadh ar bharr rálach, saghas fás-ghunaile. Raillsidhe fear go bhfuil fuinneamh ionta: fir árda, loma, chruaidhe, lán de cheól is d'fhulang. Dá bhfeicfeá-sa an raillse cloiche lé faid a bhí treasna na bearnán: cloch gur mhó go mór mór ar a faid í ná ar a haoirde 'ná a leithead. An oiread dúlach aige i dtobac is go n-ólfadh sé raillse dhe!: sparra mór fada. Is tú an raillse díomhaoin: duine caol, is aoirde mhór ann. Bhíteá an-bheathuighthe, cad dhein raillse dhíot: gur chaoluighis.

ráiméis: *b.2.* fastaoim; cainnt san aer; cainnt gan bun, gan deallramh; breilléis ná meádhfadh faic; ritheadh seamach; scailfhéitheann. Dá fheabhas aige é féin, is dá mhéid moladh ar a arm is ar a chabhlach aige, nách dóigh leat ná go bhfuil mórán ráiméise ina ráidhtibh maoidhte: go bhfuil sé ag rith lé n-a theangain: cainnt ná fuil bunuighthe ar an bhfírinne. Ráiméis a rádh bliadhain ó shoin ná seasóchadh an Ghearmáin mí gan íle: cainnt san aer: maoidheamh follamh. Ná tóg ar do chroidhe an leitir sin, ráiméis atá ag an bhfear san, ní mheádhann sé focal dá n-abrann sé: cainnt ná fuil dréir a aigne. Geallaim duit ná raibh aon rud tábhachtach ná tromdhálach ar siubhal againn ach ráiméis linn féin: cainnt réadh-chúiseach. Tar éis na ráiméise go léir an t-airgead!: i ndeireadh na dála thiar caithfear íoc – an t-airgead an rud a shocruigheann gach cúrsa dá méid gleódh do deintear de. An t-alt san sa pháipéar i dtaobh páirteachais na hÉireann sa chogadh so, a leithéid de ráiméis!: cainnt gan deallramh: gan aon fhuaimeant léi: cainnt dá ndéanfí dá réir go dtiocfadh buadhairt is iomard dá chionn. Is minic minic do ceaptar dom gur ráiméis a bhfuil dhá scríobh agam: iarracht nách fiú a scrúdughadh. Scaoil chughainn ráiméis éigin a chiorrbhóchaidh an aimsir dúinn: eachtra nó scéal éigin fastaomach. B'fhéidir anois mar sin go bhfuil na súile dhá oscailt do, níor dhein sé de n-ar chualaidh sé ach ráiméis, agus ní chosnóchadh sé é féin: ráidhteachas nár bh'fhiú cluas do thabhairt do. Ráiméis agat-sa go haonnidh: ní chreidfeá faic ó éinne: rud gan fuaimeant. Ná tuig gur ráiméis mise agat: faoisteó-fáisteó duine. Bíonn ráiméis aice leis gach lá: cómhrádh ná cuimhnightear ina dhiadh san air. Beireann sé ráiméis éigin abhaile i gcómhnaidhe leis: scéalta nó eachtraidhthe.

ráiméiseach: *a.* fastaomach, scail-fhéitheannach, neamh-fhuaimeantamhail. Duine baoth, saonta a chreidfeadh an scéal is ráiméisighe amuigh, dá aindeise is dá áidhbhéisighe crot a bheadh air: mí-chiallmhar. Bhuailfeadh duine agus beirt leat is neamh-ráiméisighe 'ná é, nach aon bhuille fé thuairm a ráidhte siúd: is mó go mbeadh droch-chrot ar a gcuid cainnte. Is mór gur neamh-ráiméisighe i dtaobh feirmeóireachta é 'ná aonnidh eile, mar tá beagán éigin eolais aige uirthi sin: gur fuaimeantamhla é. Bíonn sé árd-ráiméiseach, árd-ghreannmhar tímcheall ban, budh dhóigh leat go raibh na sluaighte dhíobh i ngrádh leis is gur ghaibh trí iomad cúrsaidhe leó: trácht ar ócaididhibh as a cheapadóireacht féin: scail-fhéitheannach: finnscéalach.

ráiméisidhe: *f.4.* scail-fhéitheannach; breilléisidhe. Ní mar aithris an ráiméisidhe é a chualaidh sé ach is breágh le n-a chroidhe seóraidhe is crans ar aon scéal: duine ná srianuigheann a theanga ar son fírinne na beachtachta. Ráiméisidhe ceart a scrígh an leabhar (alt, leitir): duine go raibh an tsaoiltin rithte ar fad leis, ná raibh bun ná fuaimeant lé n-a raibh scríobhtha: go raibh ceal snasa, aithriste is céirde air, ach gan aon cheal cainnte. Is minic buailte im aigne é seo, an gcreidfear i gcionn céad bliadhan na ráiméisidhthe atá ag scríobh ar an gcogadh indiu?: na scríobhnóiridhe ná scríobhann lé fuaimeant ach chun a gcúlaistínidhe do mhealladh is do shásamh. Ráiméis breágh seadh éinne adeir liom-sa go mbeidh saoghal maith ag daoinibh tar éis an chogaidh: daoine ag cainnt san aer ná bacann lé hiarsmaidhe an chogaidh do scrúdughadh. Ráiméis cainnteóra atá chómh fada ón bhfírinne is tá neamh agus talamh o chéile ach gur cuma leis ach do bheith ag cur as: go n-imthigheann a theanga leis.

ráiméisidheacht: *b.3.* aiste an ráiméisidhe; do dhéanamh ráiméise. Dá gcuirtheá thart an ráiméisidheacht agus iarracht do thabhairt ar rud d'eachtruighe ina cheart fé mar chualais é budh thaithneamhaighe go mór éisteacht leis: an claonadh lé srian do thabhairt don saoiltin. Bíodh ráiméisidheacht éigin agat di ar cad thárla beidh sí chómh sásta is da mb'í an fhírinne ghlan do bheadh agat: cóiriughadh catha áidhbhéiseach.

raimid: *b.2.* rud scrutach, suarach. Raimid asail roimis amach, ceal a choda féin de rian air, groga ann lé laige. Budh cheart an dlighe do chur ort é do bheith agat: scruitín: rud bocht, fann, suarach. Do ghlac truagh me don raimid bhocht d'iarraidh greim lé n-ithe agus is é a bhí ina ghábhtar d'ullamhughadh dho fé cois crainn, na súile súighte ina cheann lé ganntar: duine truaill. Raimid chapaill ar an aonach ar cheann ag raimid tuinncéara: truaghán capaill ag truailleán fir. Cé cheannóchadh na raimididhe beithidheach san gan spiota feóla ar an easna aca?: suaracháin.

ráimhim: (**rámhaim**) *b.a.* ₇ *n-a.* gluaisim bád ar ucht uisce lé maididhibh. Rámhaimís!: bímís ag gluaiseacht (as seo). Cathain rámhfair?: cathain ghluaisfir? Rámhaidh leat anois, ní bhfaghair a thuilleadh dighe ins an tigh seo: bí ag cur díot in áit éigin eile. Cá rámhfar anois?: cá mbeidh ár dtriall. An rámhfaidh sé abhaile gan cabhair é, an dóigh leat?: an mbeidh sé i ndán an tigh do shroichstint? Rámhadar rás maith: dheineadar go diail ar na maididhibh rámha. Rámhadh gach éinne a bhád féin: bíodh duine neamhspleádhach ar chách. Táir ag déanamh go héachtach, rámhaidh leat: lean air mar taoi. Bád so-rámhaidhthe: bád is furaiste lé sáthadh tríd an uisce. Docht, do-rámhaidhthe: deacair do

chur chun cinn ar uisce. Rámhfadh sé tharat aon lá: bhuadhfadh sé ort. Rámhaimíd go maith lé chéile: réidhtighimíd is oibrighimíd.

raimín: *f.4.* duine nó ainmhidhe suarach. Raimínidhe beaga uan nár bh'fhiú leat deich triuich do thabhairt ortha ag dul airgead mór: rudaidhe sprionnlaithe i dtoirt. Gread as mo radharc, a raimín, ná bím ag féachaint ort ag tnúth leis gach éinne: a rud gan puinn measa agat ort féin. Raimín ná tabharfadh deoch 'en uisce duit is do thógaint ón mbás do bheith air: sprionnlóir gorta.

raimpéir: *f.3.* duine suarach, neamh-náireach; scraiste críochnuighthe; suarachán. Mairg í pósta lé raimpéir fir a chaithfeadh a dtuillfeadh: fear neamh-mheastamhail air féin. Mise ag imtheacht im raimpéir ó dhoras go doras ar lorg iasachta rothair agat-sa nár fhill orm mo cheann féin: ar nós scraiste a bheadh ag lorg a choda. Raimpéir ceart gach aon lá riamh dob eadh thu ní fheaca riamh ná éinne eile it fhear thu in áit go mbeadh fir acht ag brath ar gach éinne eile: gan rian fearamhlachta. Cé déarfadh go bhfuil na leaga liatha sa bhannc aige, is cuma an raimpéara air: stollta, stractha ina chuid éadaigh, nó é salach, barcach mar bheadh caithte cois claidhe i rith na hoidhche. Raimpéir meisceóra: a bheadh ag tnúth 'sag lorg, ná beadh aon mheas aige air féin. Raimpéiridhe díomhaoine a bhfuil de chlainn mhac agam gan faic dhá thaidhbhreamh dóibh ach rinncidhe: buachaillidhe neamh-thairbheacha gan an meas budh cheart dóibh do bheith aca ortha féin. A raimpéir! cad n-a thaobh gur bhuailis an cárta san? an imirt mhaith í?: imireóir sprionnlaithe.

raimpéireacht: *b.3.* scraistidheacht, suaraidheacht, raingléireacht. Ag caitheamh an lae ag raimpéireacht ó thábhairne go tábhairne ag diúgadh na gcuach: ag imtheacht go neamh-mheastamhail. Níl innte seo ach raimpéireacht oibre, d'iarraidh ruda do dhéanamh le droch-úirlisidhibh: útamáil mhagaidh. An lá caithte ag raimpéireacht againn: ag dul ó bhall ball go neamh-thairbheach.

ráineach: *b.2.* gein ó stail chapaill agus láir asail.

raingléir: *f.3.* fánaidhe, geócach, seachránaidhe, fear achrainn. An raingléir, nách beag an náire atá air bailiughadh leis is a chuid fóghmhair d'fhágaint ar leathadh: fánaidhe: fear séanta a chuid oibre. Chaithfeadh sé an oidhche ag comhchainnt annsan gan aige ach ráiméis – an raingléir críochnuighthe: duine faillightheach go gcoimeádfadh súgán sneachtaidh é: tranglálaidhe cainnteach, siléigeach. Cá bhfuil an raingléir sin imthighthe anois?: is é dóthain an diabhail féin é: duine gur deacair é "do thabhairt chun tíorach": é "do bhailiughadh" as áit. Mórán raingléiridhe ar an sráid go déidheannach, ní fuláir nó bhí airgead flúirseach: daoine nách ró-dheacair iad do choimeád i gcóir na dighe. Raingléiridhe is a ndrom lé falla: scaoinsidhe sráide.

raingléireacht: *b.3.* scraistidheacht, siléigeacht, moillidheacht fhaillightheach. Ná beireadh puinn raingléireachta ort ar an sráid: moill gan chall. Cad í an raingléireacht í sin ar siubhal síos fén sráid?: daoine in achrann mar bheidís ag troid. Ag raingléireacht a thug sé a shaoghal riamh agus a rian ar a thigh is ar a chuid, is ortha ná fuil an tslacht: fuairthéidheacht: séanadh is seachaint a chúraim.

raingléis: *b.2.* áit gharbh, chlochach, achrannach; casáin, únacha, fothracha in aon chúil; scata rud i ngabhal a chéile. Raingléis tighe i bhfad ró-mhór do bheirt: tigh fada ragairneach, neamh-chórach. Tráth bhí seisean go maith as budh leis an raingléis thighthe sin i mbun na sráide: sreath fhada, cuid aca beag, cuid aca mór, cuid aca níos aoirde 'ná a chéile, etc. Raingléis charraigeach idir an dá oileán gur deacair ach do phileóit maith long do thabhairt saor tríotha: an bealach breacuighthe leó. "An raingléis": a bhfuil fágtha de shean-oibreachaibh pagánach i mBaile Bhoithín (Márthain): clocháin, fothracha tighthe, únacha, rian teampaill, etc. laistigh do chorr-fhalla. Is liom-sa an raingléis thalmhan san ar fad, faid do radhairce: mar bheadh leirg gharbh, chlochach gan mór-chuid slachta. Sin é, budh cheart duit maoidheamh as do ghastacht is do shlacht, gach aon rud caithte agat ina raingléis fé chosaibh na ndaoine: i ngabhal a chéile. An clós atá siar as, tá sé ina raingléis: tóin thar ceann.

ráinighim: (**ránguighim**) *b.a. 7 n-a.* tárluighim, sroichim. An rángóchadh scilling agat lé haon chúram? theastóchadh sí uaim ar iasacht: an dtuitfeadh sé amach go mbeadh sí agat? Ó ráinigheann an t-airgead agam tá sé chómh maith díol as an earra is gan é do bheith sa chipín orm: ós rud é é do bheith agam. B'é toil Dé go ráinigheas ar an bhfód chun a thógtha nuair leagadh é: gur thárluigh dom do bheith ann. Ráinigheas ró-dhéidheannach don óráid ar fad, an t-earball thiar a raibh agam: shroicheas an áit in ar tugadh í. Dá rangóchadh leó breith orm stracfaidís as a chéile me leis an bhfeirg a bhí ortha: dá n-éireóchadh leo. Dheineas mo dhícheall, ach ní ráinigh liom: do theip orm. Má tá ciall agat ná ráinig i lár na sráide roim ghluaisteán: ná tárluigheadh duit a bheith ann. Ránguigh sé os chionn aoise, ní tógfí é: thuit sé amach go raibh. Má ránguigheann aonnidh bun os cionn ort, cuir fios orm: má bhír breóidhte nó a leithéid. Má ránguigheann tinneas cinn choidhche ort, tóg é sin, tá sé ar fheabhas: má thagann sé ort. Fé dhraoidheacht do bhí sé is a rádh nách ránguigh aon droich-nídh riamh do is ar ghaibh sé tríd: nár thuit air. Dá ráineóchadh liom cuimhneachtaint ar an ainm do gheóbhainn duine éigin a inneósadh dom cá bhfuil cómhnaidhe air: dá bhféadainn a breith chun mo chuimhnte. Mar ránguigheann an cúrsa fé láthair idir na cómhachta cómhraic fé bhun míorbhailt ar leithrigh is fada go mbeidh síothcháin ann: mar sheasuigheann: mar tá clódh agus imtheacht fé.

rainnt: *b.2. 7 3.* (*iol.* ranna, -eanna) do dheighilt, do scaradh ó chéile; do dhéanamh cod de ameasc, do thabhairt amach ameasc (ar, do etc.); do riar; cuid, páirt, mír, cion, ceart, cantam, ceannúireacht, fagháltas, scar, etc. Nuair bhítheas ag ath-rainnt na talmhan seadh déineadh an éagcóir orm-sa, ní bhfuaireas ach an raingléis sin soir i mbun an chnuic: ghá riar: ag tabhairt smut don áirighthe sin daoine dhe. Bead-sa ag rainnt leat-sa: tabharfad mír, blúire nó cuid dá bhfuil agam duit agus coingbheóchad an fuighleach me féin. Ní hindiu ná indé do rugadh thu, níl aon liobar ar sileadh leat, nách breágh gur agat féin do choingbheóchair an rainnt is mó: an chuid. Ag rainnt an airgid ar a chlainn thug sé comhthrom é: ag déanamh cod de: ag tabhairt a fhagháltais féin do gach éinne. Cuir beagán eile ar an rainnt seo, is í is sciotuighthe dhíobh go léir: mír nó ádhbhar atá deighilte nó scartha ón iomlán. Carthanacht dhá rainnt ar na bochtaibh: riar: dhá thabhairt dóibh. An bhfuilim-se ar an rainnt seo: an bhfuil cuid den nidh atá dhá mhionughadh ameasc áirighthe daoine lé fagháil agam. Tá breis is do chuid ranna de chártaidhibh agat-sa, chúig cinn do cheart, tá sé cinn agat: an méid atá dleaghthach do dháil ort. Bímís sásta

é d'fhágaint fé rainnt an fhir seo: na míreanna ina thuigsint is dóigh leis atá ag dul dúinn faoi seach. Tóg rainnt as san, tá leór ann: ádhbhar. Cuireadh as rainnt me: ní bhfuaireas aon chuid den nídh a bhí ar siubhal. Ní fiú é do rainnt ar an méid atá ann: é do dheighilt ina smutaibh, míreannaibh, etc. Chuir an t-athair ó rainnt ina udhacht é: gan faic d'fhágaint aige lé linn báis do dá chuid. Ní chun ranna in ao'chor é seo ach é go léir do bheith agam féin: lé riar ar dhaoinibh. "Nár chuiridh Dia do lámh ó rainnt" (deaghghuidhe): le duine a bhíos go flaitheamhail fé n-a chuid. "Roinnfead-sa iad" – "roinnfir; rainnt na caillighe mar is áil léi féin": an chuid is mó agus is fearr do bheith agat féin. "An té a bhí ag rainnt na hÉireann níor fhág sé é féin chun deiridh": an Sasanach, choinbhigh an rogha dho féin. Beidh rainnt de agam nó béarfaidh an diabhal sibh leis dá mhéid fonn oraibh me do chur bun os cionn: cion fir: cantam. Rainnt mhaith d'fheóil úr ar crochadh ag an mbrothaire: ádhbhar: oiread is thaidhbhsigh mór. Dá mbeadh rainnt de chruithneacht an tighe san arán b'fhearrde é: cantam. Thugas cuid dem rainnt féin do, budh bheag liom a raibh aige: den méid a dáileadh orm nó a bhí agam ar mo chion féin. Lé rainnt ar gach éinne a ghéobhaidh an tslighe gan airgead gan áirighthe, an té is túisce a thiocfaidh is é is túisce a gheóbhaidh: lé riar ina chodaibh. Níl Éire lé rainnt dá ndéineadh Sasana coda beaga di míle uair: ní lamhálfam é i ndeireadh na scríbe. Ó tá do lámh sa rainnt ná dearmhad me: ó táir ag tabhairt uait do so is do súd etc. "Ar dheinis aon airgead an bhiadhaiste seo?" – "bhaineas rainnt as": dheineas ádhbhar. "Nuair is gann é an biadh seadh is fusa é do rainnt": ní deacair a chuid féin do riar ar gach éinne toisc gan é do bheith ann. M'eagla ná sroichfidh an rainnt sinn .i. go mbeidh go léir riartha sara dtiocfaidh ár n-uain-ne. "Is é adubhairt an Paorach a bhí mar mhaor ar an luing, gur bh'fhearr leis aige féin í 'ná Éire gan rainnt": deighil: Éire i bhfochair a chéile. "Rainnt Éadhmuinn Mhic Chraith ar an bhfiadh" – "a cheathramha is a leath d'Éadhmonn Mhag Craith/ san cheathramha gan chómhaireamh d'Éadhmonn Mhag Craith/ a chosa is a cheann d'fhiadhaidhte an domhain/ sa chroiceann chun bróg d'Éadhmonn Mhag Craith!": riar dho féin féin. Ní dul ó rainnt duit, beir fada air: bí foidhneach, gheóbhair do cheart. Dhein sé rainnt shneachtaidh (bháistighe, dhrúchta, etc.) airéir: ádhbhar. Cé atá ag rainnt na gcártaidhe?: ag tabhairt a chionn do gach cearrbhach. Dá mbeadh rainnt airgid agam thógfainn tigh. Ina rainnt is ina rainnt anois eadrainn, cuimhnighidh: do bheith chómh rann-pháirteach i seilbh nó i subháilceas aon ruda a bhíos eadrainn. "Is í rainnt an mhic leis an máthair agat liom é": gan do thabhairt di ach an dealbhas. Níl cúis cheisnimh ag éinne anois, cómh-rainnt atá agaibh: an oiread céadna as an iomlán. Léan ar do rainnt, is í rainnt na gorta í: riar sprionnlaithe. Idir cheithre ranna an domhain ní bhfaghfá ball ná go bhfuil sé chómh breágh leis: na míreanna móra talmhan tirim mar atá An Afraic, etc. Sin uait do ranna, táid ró-chrapuighthe leat: do chosa: spannlaidhe. Ná bac san, a bhuachaill, má táir ag tabhairt breise agus do cheart uait do naoidhe an ghábhtair cuimhnigh go mbíonn an rath i mbun an ranna: go leanann an t-áth smut ded chuid do thabhairt lé croidhe maith. Cheithre ranna na hÉireann: na cheithre chúigidhe. Dá mbeadh aon phoic den bhfear ag rainnt leat, ní bheifeá chómh sprionnlaithe: aon fhearamhlacht in ao'chor ionat. Tá bleaigeárdaidheacht bhreágh ag rainnt leis, tá san: ag baint leis: í ann. I ndeireadh ranna is gnáth leis teacht: déidheannach do pé rud maith a bheadh ar siubhal. Bí aireach ar do láimh, cuimhnigh gur i dtúis ranna atáimíd: go mbeidh mór-chuid iarratais ar an nidh seo. Déarfainn go raibh rainnt caithte aige ar a shúgaighe bhí sé: braon maith ólta. Brathaim rainnt fuar, clúduigh anuas orm: ádhbhar fuar. Rainnt mhór shaighdiúiridhe marbh ar na cómhachtaidhe cómhraic: líon mór, maith.

ráipéar: *f.1.* claidheamh éadtrom go lannsa caol, géar, fada. Thairng sé amach ráipéar scine go raibh scáil innte fén solas agus bheartuigh ar a raibh láithreach é: scian go raibh déanamh cloidhimh uirthi. An ráipéar atá tuillte aige!: é do sháthadh.

raipleachán: *f.1.* duine nó ainmhidhe tuathalach ina ghluaiseacht. A raipleacháin, ceann spric ní shroichfir choidhche ar an gclódh gluaiste atá ort. Ná fuil aon anam id chosaibh ach iad do bheith ag dul thar n-a chéile: duine ná beireann a chosa go pras leis. Ní hionann an stoc a bhíonn aca in ao'chor i mbun na gcnoc annsúd is bhíonn againne ar an dtalamh mín – raipleacháin bheaga a bhfurmhór: rudaidhe beaga, suaracha.

rais: *b.2.* gríos, briseadh amach ar an gcneas. Pé rud é tháinig sé ina rais tríd amach go raibh a aghaidh in aon bhrat amháin leis: mion-bhaill iomadamhla. Mo mhallacht uirthi mar thír, is iomdha rais throm alluis do bhain sí asam lé dubh-obair: braith: srutháin. "Is diaill an rais í sin", adeirtear nuair labhrann duine go grod, fuinneamhail. Leanbh, cuir i gcás, nuair bhíonn d'iarraidh labhairt ar dtúis bíonn fuadar an domhain fé chun na húrlabhra do bhreith leis - chuir fé rais as .i. b'fhéidir ná tuigfí focal de. Chuir sé rais Bhéarla as nár thuig éinne: sruth chainnte sa teangain sin, mar bheadh sé d'iarraidh ruda éigin do chur in iúil. "Ar tháinig a chainnt fós don naoidheanán?" – "tháinig, rais!": cainnt ina sruthaibh. "Ní hi ngradh atá sé?" – "seadh, tháinig sé ina rais air!": go trom, tapaidh.

raiseáil: *b.3.* ritheadh seama maidhm chainnte, sruth úrlabhra; cainnt lé hanamann na marbh. Bhíomair ag raiseáil Ghaedhealainge leis agus seisean ag raiseáil Bhéarla linn gan aon tuigsint againn ar a chéile: ag labhairt go fuinneamhail mear, d'iarraidh sinn féin do chur in iúil. Bíonn sé ag raiseáil as nuair bhíonn deóir fén bhfiacail aige, budh dhóigh leat ná stadfadh sé choidhche: mórchuid cainnte as agus faobhar uirthi. A leithéid de raiseáil agus bhí aige trí n-a chodladh: sruth úrlabhra mar bheadh ag fógairt, etc. An ragairneálaidhe sin má bhuaileann a chóimhleacaidhe leis caithfidh an lá ag raiseáil (lé chéile), is ná bíodh aon tsúil agat leis: ag cainnt go leadránach. B'ait liom cé aige go mbeadh an raiseáil an dtacaid sin d'oidhche in áit chómh huaigneach leis: an glisiam nár thuigeas. B'é deireadh na raiseála troid: gleódh áitimh.

raiseálaim: *b.a. 7 n-a.* cuirim mór-chuid cainnte asam, labhraim go grod, fuinneamhail. Raiseáil sé tharais an uile-choir a bhí déanta aca air, agus b'é dob fhearr chuige: thug sé cruinn-chunntas. Raiseáil leat, níl tor madra ag éinne ar do chuid cainnte: cuir asat: bíodh an méid ritheadh seama is féidir leat do bheith fút. Éistidh leis mar raiseálann sé éitheach: scilligeann: scaoileann uaidh ar nós an uisce. A raiseálann sé nuair bhíonn braon sa tsúil aige: an méid cainnte (brioll-bhrealla go mór-mhór) do chuireann as. Ná tabhair do rún do, raiseálann sé: níl aon choimeád ar a theangain aige.

raiseálta: *a.r.* labhartha; curtha as; streallta. Is mithid duit do dhóthain do bheith ráidhte agat ar a bhfuil raiseálta agat: séidte asat. Éitheach ar fad, dearg-éitheach a bhfuil raiseálta agaibh: an méid mhór chainnte a chuireabhair asaibh gan choigilt dá chéile.

raisne: *f.4.* raiste; báisteach ag teacht lé fuinneamh gaoithe. Na raisnidhe atá aniar dtuaidh ann bhainfidís an croiceann de chat: ceathanna fuara dhá thiomáint ag fuinneamh na gaoithe. Raisnidhe geimhridh ní maith do dhuine ná d'ainmhidhe iad: fuara, nimheamhla.

raisnéis: *b.2.* iomad cainnte gan machtnamh. Ar an raisnéis atá fé anois scaoilfidh sé an cat as an mála, déin cómharthaidhe éigin do a stadfadh é: teasaidheacht cainnte. Ní bheifeá istigh leat féin ag éisteacht leis ag cainnt nuair luigheann sé chun raisnéise i leith is gach uair leat go ndéarfadh rud éigin ait: rith seama mear-dhána. Níl aon leigheas ag an raisnéis air, ní fhéadfadh sé áiteamh go ciúin ar aon rud, gan scaoileadh fé: obanntas.

raisnéiseach: *a.* meardhána, obann, néallach. Is truagh é ach tugann sé breith raisnéiseach ar chúrsa sara mbíonn cruinn-eolas aige air: néallach: gan léir-smaoineamh do dhéanamh. Nár bheiridh sé beó, beathadhach orm na daoine bheith ag stealla-mhagadh fúm a bheith chómh raisnéiseach is go gcuirfinn geall céad púnt ar chapall: ceann-uaiscneach: mear-aigeanta. Ná bí raisnéiseach mar sin, is bheith ag maoidheamh roim ré cad dhéanfá, ní breac é go mbeidh sé ar an bport agat: aibidh chun ruda do rádh.

raispín: *f.4.* sprionnlaitheóir, cníopaire, duine gan fearamhlacht, meathtach, ainmhidhe suarach, gan mhaith. Is mór go léir an lán a bhíos fé raispínidhibh bhaile mhóir: fáslaigh: dream airgeadamhail a bhís tar éis éirghe ón mbochtanacht. An raispín maran aige atá an meas air féin, is gan maith ar aon rud é: rud neamhthairbheach. In ionad seasamh mar dhéanfadh fear is amhlaidh do theich an raispín nuair cuireadh air: meathtach. Is mó d'íosfadh na raispínidhe ná dhéanfaidís: dream gan mhaith chun oibre. An raispín a fhág duine aonair gan cuireadh do thabhairt do i lár a raibh ann: suarachán: sprionnlóir. Ní fheicfeadh an raispín sin a chroidhe dá mbeadh sé ar a bhais aige, a rádh go dtabharfadh sé cabhair d'éinne: bochtán. An raispín ag cnáimhseán do thugann sé a shaoghal, budh dhóigh leat ná raibh an dara greim lé n-itheadh aige: cníopaire. D'imthigh sé ina raispín ar fad: dhein rud suarach de ag brath ar dhaoinibh eile is gan meas ar bith aige air féin. A raispín áir, má gheibhim greim ort, stracfadh an ceann as an muineál agat: a rud thruaill. Raispín reatha ná tagann ach raispínidhe uan uaidh: droich-reatha is píothail uan. Aon tsaghas raispín a bheadh agat bheadh tógáil air le feabhas an aonaigh: aon ainmhidhe dá olcas crot. Raispín capaill ná tairngeóchadh sluasad ghainimhe i dtrucaill. An tábhairne lán de raispínidhibh ná glaodhfadh ach ag faire ar éinne go bhfaghaidís amus air: rudaidhe sprionnlaithe.

raispínteacht: *b.3.* aiste an raispín; sprionnlaitheacht, cníopaireacht, meathtacht; tnúth. Ag raispínteacht do chaitheann sé a shaoghal: ag gabháil tímcheall gan áird aige ar faic do dhéanamh ach ag brath ar aonnidh a bheadh ag imtheacht bog. Nuair cuireadh air theich sé le raispínteacht: meathtacht. Ag raispínteacht ar an dtigh seo thugann sé an tseachtmhain: ag tnúth lé rud éigin d'fhagháil ar bóiléagar. Ní baint í sin ach raispínteacht: aon deallramh bainte níl uirthi. Ag raispínteacht ó shiopa go siopa ag lorg caithnín tobac is gan é lé fagháil: ag imtheacht is mo mhéar im bhéal agam: do dhéanamh duine suaraigh díom féin. Ná bí ag raispínteacht leis ach dein é nó fág gan déanamh é: gliúmáil: tuinncéireacht. Mara gcuirir-se uait an raispínteacht agus rud éigin d'fhoghluim ar scoil is baoghalach go raghaidh an tslat ina luighe ort: obadh an léighinn.

raiste: *f.4.* cioth trom, fíochmhar, fiadhain. An stoc ar baillechrith fés na raistidhibh sneachtaidh: ceathanna sneachtaidh dhá léasadh lé fóirneart gaoithe. Scartfaidh an aimsir tar éis an raiste ceatha sin: eadtromóchaidh an spéir i ndiaidh na báistighe fuinneamhla san. Cad do chuir an raiste (feirge) anois air? brisfidh sé an tigh ar an ndrochfhuadar atá fé: taom buile. Uaireannta bíonn sé níos measa 'ná a chéile, bíonn sé ina raiste, is budh dhóigh leat ná fágfadh sé meill beó ina thímcheall: ina dhuine fiadhain glan.

ráisteóir: *f.3.* báirseóir, bean nó fear scallaoideach, duine béal-láidir; duine achrannach. Thug an ráisteóir íde bhéil orm a ghearr go smior me: báirseóir: bean láidir, borb as a teangain. Náire chroidhearg ag an mbeirt ráisteóiridhe dhá thabhairt dá chéile i gcorplár na sráide, níor fhág éinne aca cuid a ráidhte ag an nduine eile: aithiseach, achmhusánach lé chéile. Ráisteóir cránach ná stadann ach ag suthaidheacht ar lorg bídh: ceann a chlipfeadh thu lé muclacht is béicghil. Má tá ciall agat ní thairngeóchair an ráisteóir sin ort, thairngeóchadh sí an tuile (an díle) tharat!: bean ná fágfadh thíos ná thuas ort é ná ar éinne a bhaineas leat ó dhíle an domhain! Ráisteóir inghine agam atá chómh díomhaoin lé bacach a chaithfeadh de a mhála: cailín a leanas a toil féin. Ráisteóir ainmhidhe: ceann go bhfaightear a dhuadh chun a choimeádta as fhoghail, etc. Tairng lé stiall ar an ráisteóir madra san .i. a bhíos ag síorlorg dá bholg.

ráistéireacht: *b.3.* báirseóireacht; béal-láidreacht, ag tabhairt íde bhéil nó ag eascuinghe. An bheirt bhan béil dorais atá agam is minic ag ráistéireacht ar a chéile agus ar na cómharsannaibh iad: báirseóireacht: ag tabhairt na teangan dá chéile. Tá sí beagáinín corruighthe san inchinn, chloisfeá leath-mhíle ó bhaile ag ráistéireacht í, agus gur cuma léi cé air ná cad fáth: ag tabhairt íde bhéil don saoghal mór: ag scallaoid lé n-a teangain go géar, láidir. Budh chumhang leat bheith istigh aice nuair chromann sí ar ráistéireacht: ag cainnt go cuthaigh. Seirbheáladh lé ráistéireacht í: íde bhéil.

ráithe: *f.4.* an ceathramha cuid de bhliadhain; trí mhí; saosúr. Thabharfadh sé ráithe ag itheadh! .i. tá goile mór aige. Bhí leanbh i gcionn trí ráithe aice (ón lá do phós sí): faid an aistir. Bliadhain is trí ráithe díreach a bhí ann, b'fhada ón mbliadhain é: mí agus fiche. Chaitheas ráithe an tsamhraidh ina measc: an samhradh ar fad. Ráithe ón Nodlaig go Féile Phádraig, ráithe ó Fhéile Phádraig go lá tSin Seáin, ráithe ó la tSin Seáin go Féile Mhichíl, ráithe ó Fhéile Mhichíl go Nodlaig: cómhaireamh neamh-chruinn. Uair sa ráithe ní thagann sé chughainn: an-annamh. An dtógfaidh sé ráithe uait? le duine mall.

ráitheamhail: *a.* dréir an ráithe, uair sa ráithe. Go ráitheamhail a dhíolaim an cíos: uair sa tríomhadh mí.

ráithín: *b.4.* ráth beag. Na Ráithínidhe Thuaidh, ainm fearann-bhaile. Na Ráithíneacha: ainm áite.

raithneach: *b.2.* plannda díth mbláth; mórán saghas di ann. Raithneach Mhuire, raithneach mhadra. Airgead dhá chaitheamh agam ar raispínidhibh chómh tiugh lé raithnigh: chómh hiomadamhail is fhásann sí. Níor fhás raithneach riamh ach in áit go raibh cré mhaith (rádh). Tabharfaidh súd raithneach duit nuair gheóbhaidh sé greim ort

mar gheall ar bheith ag raideadh chloch leis, beidh sásamh aige asat: scannróchaidh sé thu. Ar bhfeicsint aon ruda dhá dhéanamh go mear tapaidh nó lé fothram, babhta maith rinnce cuir i gcás deirtear, "raithneach!" Tá raithneach dhá bhaint as fhratachaibh anocht: glór is fothram ón ngaoith móir. Ag baint raithnighe asam-sa mar gheall ar rud ná fuil aon chúis orm: sásamh: ag tabhairt béil dom: ghom itheadh is ghom ghearradh. Bhíodar ag gabháil orm (ag cur díobh, ag léigheamh, ag cainnt etc. etc.) chómh tiugh lé raithnigh: go mear, tapaidh, gan sos. "Raithneach a bhean bheag, a bhean bheag/ raithneach a bhean bheag, steaimpí is ím air/ raithneach a bhean bheag, a bhean bheag, deinimís airís é": go mear, tapaidh, pras, etc. Rath na raithnighe go raibh oraibh .i. mórchuid sleachta go raibh oraibh. D'fhás bláthanna ann ar nós na raithnighe: go flúirseach. Chas sé leis gur leanbh (peata) raithnighe é: leanbh gréine: toghartha.

raithneachán: *f.1.* muine raithnighe. Muscladh an sionnach as raithneachán.

ráithseafta: *f.4.* aithris fhadálach, leadránach, thuirseamhail, neamhchruinn; Scéal Madra na n-ocht gCos; paidear na mbacach; ráiméis. Ráithseafta aice ar mháthair a céile gach aon lá a bhuailfeadh sí leat, an droich-dhéanamh a gheibheann sí uaithi, is an drochshaoghal atá aice ina measc, ní bhfaghfá thall ná abhfus í: eachtra ar a buaidhreamh ná faghfá bun leis. Scaoil sé orm ráithseafta mór ar a bhoichte a bhí sé, an tsúil a bhí lé hairgead aige, is a luaithe a dhíolfadh sé a fhiaca liom: scéal mór fada d'iarraidh é féin do shaoradh ó neamhchóimhlíonadh a dhualgais: ráiméis.

rálach: *f.1.* duine, ainmhidhe mór-thoirteamhail. Cad é an mhaith ar rás an rálach san?: go mbeadh leath an bhealaigh fé féin le n-a mhéid. Mo ghoirm an feairín adubhairt ná cuirfeadh sé aon nath do bheith pósta leis an rálach mná úd a bhuailfeadh a ceann ar an gcearchaill!: áidhbhéil lé toirt. Feirmeóir beag mise ná fuil aon ghnóth agam de rálach capaill: go ndéanfadh ponaire mo ghnóth chómh maith: ainmhidhe groidhe: fathach capaill.

ramh: *f. n-dh.* toirt, an méid is fiú. Thairngeas lán a ramh do ar an áit, ach ní dhíolfadh liom, dar leis gur fiú a thuilleadh é: lán a b'fhiú é. "Iasc aca airéir?" – "bhí, lán a ramh": oiread agus b'fhéidir leó d'iomchar.

rámh: *f.3.* sáthad nó gluaiste báid curraigh, etc., ar uisce lé cómhacht maide (maididhe). Maide rámha: an bata déanta oireamhnach chun na bearta, go mbíonn lonna (ceann caol i gcóir na gcrobh), colpa (níos reimhre) ón lonna go dtín ádhbhar (ar ghunail an bháid), an caol as-san go dtín mbais (an chuid leathan tanaidhe) a túmtar san uisce etc. Fear maith rámha: rámhaidhe, rámhadóir. Bád rámha: a cuirtear ar siubhal le maididhibh. Dhera, mhuise, tá rámh ina ghéagaibh smoirteamhla súd: neart chun báid do chur chun cinn. Ní thaithnigheann an cúrsa in ao'chor liom, tá sé ar rámh anois agat: is air atá a tharrac agat: do dhá dhóthain déag éirghe leat: caithfir do ghéir-dhícheall do dhéanamh nó beidh thiar ort. Bí ag rámh liom (orm): ag druideam liom mar is féidir leat. Lá ró-gharbh é seo ná fuil chun rámha: oireamhnach lé dul i mbád rámhaidheachta. Féachaidh! cé tá againn, dar fiadh sin moill eile, anois díreach do bhíomair ar tí (chun) rámha: gluaiste. Bímís ag rámh: ag cur dínn (abhaile etc.) as an áit. Ag rámh tharainn: ag dul chun cinn orainn. Buille breágh, fada, righin rámha: an fhaid ó tumtar an bhas san uisce agus tar éis tarraic

air go dtógtar é. Cad fhéadfainn a dhéanamh, in ainm Dé, nuair ná faghainn lé rámh í .i. farraige ró-gharbh ann: an bád ró-dhoimhin nó iomard éigin ná raibh aon chómhacht air.

rama: *f.4.* duine nó ainmhidhe go mbeadh scrothaidheacht neamh-chórach ann. Rama fir atá chómh láidir lé taobh falla dá mbeadh a fhios aige connus áis do bhaint as a neart: scrothaidheach, folláin, láidir. Téanam ag ól, a rama! (chun gáiridhe so). Ramaidhe beithidheach a raghadh lán a gcroicinn (d'airgead) dá mbeadh feóil ortha: ainmhidhthe cnámhacha, mór-fhrámacha.

ramhadóir: *f.3.* taistealaidhe, triallaire, siubhalthóir. Ramhadóir mná a scrígh mórán leabhar ar a siubhaltaibh i dtíorthaibh thar lear. Is mór an truagh ramhadóir an tarta gan deoch do thabhairt do: siubhlaidhe: duine ar thurus fhada.

rámhadóir: *f.3.* rámhaidhe; duine gur féidir leis maididhe rámha do láimhseáil. Na rámhadóiridhe is fearr ar an gcósta.

ramhadóireacht: *b.3.* do ghluaiseacht, taistealaidheacht, siubhaltóireacht, etc. Dathad bliadhain dá shaoghal caithte ag an mbacach ag ramhadóireacht tríd an Mumhain: ag siubhal roimis ó bhall ball. Níor mhothuigheam air puinn an turus, d'fhanamair ag ramhadóireacht linn ar ár suaimhneas: ag taisteal go mall, righin.

rámhadóireacht: *b.3.* rámhaidheacht, do bhaint siubhail as bhád, etc. lé bataidhibh rámha. Ní hag basghail do bhíomair, deirim-se leat, ach ag rámhadóireacht chómh dian is bhí in ár gcorp ag teicheadh ón ainmhidhe: ag tumadh na maididhe etc., ach ag dian-tharrac ortha. Is ar an rámhadóireacht budh ghearr an mhoill an tinn d'fhágaint ort dá mbeitheá ró-dhian ort féin .i. toisc í do bheith chómh duaibhseamhail. "Connus tá an saoghal agat-sa?" – "ag rámhadóireacht liom": ag stríocáil: ag déanamh mar fhéadaim. Tar éis na rámhadóireachta go léir chun a hinghine do chur 'on tigh móir do theip uirthi: dian-iarrachtaidhe. Radharc ceart agam ó bharra na faille ar an ainmhidhe mór, rálach ag rámhadóireacht cois cloiche: ag gluaiseacht tríd an uisce le cómhacht a earróg.

rámhaidhe: *f.4.* duine a chuireas bád etc. ar siubhal lé bataidhibh déanta speisialta. Rámhaidhe chómh maith agus rug ar dhá mhaide riamh, (a shuidh ar thochta, a chuir a chos i mbád, a chuaidh riamh ar poll, etc.): rámhaidhe buan a sheasóchadh i bhfad i gcúrsa ráis nó in anachain fharraige.

rámhaidheacht: *b.3.* rámhadóireacht; bád do sháthadh nó do chur ar siubhal ar uachtar uisce lé cómhacht maididhe. Déinimís babhta rámhaidheachta. Bíonn sé ag rámhaidheacht leis ina measc ó thigh go tigh ag tnúth: ag gluaiseacht go cúramach, gach céim ar aire aige. Ní rámhaidheacht í sin ach batghail: aindeiseóireacht in áis na maididhe.

rámhaill: *b.2.* seachmall, speabhraoididhe, mearbhall; cainnt ait mhearbhaill trí chodladh nó trí bhreóidhtigh nuair bhíonn an inchinn ar seachmall; labhairt go fíochmhar nó go corruightheach, fiadhantas cainnte. Níor chaith sé an oidhche airéir ar fóghnamh ná ar feidhm, fiche uair tháinig rámhaill air: cainnt trí shuathadh tuarganach incheann gan

cruinneas gan brigh, agus mearbhall na gcéadfaidhe. Nuair thagadh rámhaill na dighe air, d'éirigheadh an radharc aige agus thagadh fuirse cainnte air ag cur síos ar éachtaibh a dhein sé is a thárla dho: buile neamh-meabhrach lé digh. Tagann rámhaill air go minic gur dhóigh leis gur dochtúir é nó sagart, is cromann ag déanamh aithrise ortha. Caith uait é, ach is amhlaidh atá aige siúd má thagann rámhaill ghluaiste air ná fuil aon chosc air: ríog mhór: spreang neamhchiallmhar. I ndeireadh a shaoghail thiar tháinig rámhaill bhan air agus bhí sé fiadhain glan chun pósta: corruighe incheann ina dtaobh. Ó mhaidean gheal indiu níor stad sí de ráistéireacht, tá rámhaill éigin uirthi: suathadh incheann a chuireas chun cainnte is gleóidh í. Seal maith dhúinn gan oiread is breac ag bualadh barra a phuis ar aon bhaoite go dtáinig rámhaill air (an t-iasc) is ná féadfá géaga do thabhairt do: spreang obann chun beartha go tiugh san ná féadfá é d'iascach tapaidh a dhóthain. Is iomdha san duine go bhfuil rámhaill thobac an aimsir seo na gannchúise air: buile ar a thóraidheacht, gleódh is aiteas. A mhic ó mo chroidhe istigh is amhlaidh do tháinig rámhaill air chugham nuair loirgeas mo thuarastal air, gur fhóbair go gcaithfeadh ar mo choinncín an doras amach me: buile: cuthach. Trí n-a rámhaill is trí n-a speabhraoididhe nách maith do choimeád sé greim docht ar an sparán: d'aimhdeóin gach ríoga buileamhail is na rudaidhe aite do dhein sé etc. Ná héirigheadh aon rámhaill anois ort chugham, tá fonn orm smut dá bhfuil ar m'aigne (is ní ró-thaithneamhach é) do chur in iúil duit: cuthach mío-shásaimh: tuaisceartacht. Cuireann sé rámhaill uirthi a rádh léi ná fuil sí deagh-fhéachain: éirghe feirge is cainnte. Imtheóchaidh an rámhaill sin de san, níl ann ach an néall san: an spreang obann a chuirir air rudaidhe míochuibheasacha do rádh nó do dhéanamh. Rámhaill is beirbhthean air: seachmall cainnte is teasaidheacht breoidhteachtais, go dona.

rámhailleadh: *f. n-dh.* do labhairt go mearbhallach, seachmallach, gan fuaimeant mar duine trí chodladh nó trí bhreóidhtigh. Aon fheabhas ní dheaghaidh air ó cuireadh go tigh na ngealt é, caitheann sé furmhór a shaoghail ag rámhailleadh: ag trácht is ag tagairt gan chiall gan mheabhair. Le rámhailleadh na dighe do chrom sé ar shmiotadh an troscáin is ar bhúrdáil a mhná: dásacht mímheabhrach.

rámhaillse: *b.4.* samhlaoididhe, seachmall meabhrach. Rámhaillse aighnis anois ort chómh mór is chuala ar fhear buile riamh, pioc ná rian deallraimh níl leat: cainnt ag teacht ina sruth fhiadhain gan aon chiall léi. I dtúis mo shaoghail lé rámhaillse na hóige ceaptí dhom gur bhreágh an rud bheith mar chaptaen luinge is me ag stiúradh na luinge trí anfaidhibh, etc.: na samhlaoididhe leanbaidhe do déintí dhom. Ó, tagann rámhaillsidhe air gur dhóigh leis gur dia beag é féin: samhluightear do é lé neart díth céille. Dar leis go mbíonn an áit lán de phúcaidhibh ina tímcheall, nách ait na rámhaillsidhe ar fhear bhocht iad i gcorp an lae ghléigil ghil: samhlaoididhe.

ramaire: *f.4.* duine láidir, cuthaigh. Ramairidhe fear a thabharfadh aghaidh ar aon chruadhtan: fir acfuinneacha, dána. Ramairidhe cloch ar fuaid ann go mbeifí ghod threascairt dá ndruim sa doircheacht: móra daingne. Ramairidhe ban nách nath leo lá oibre do chur isteach i ngort ná i muileann, díreach ar nós fear: mná acfuinneacha, fuinneamhla.

ramalach: *f.1.* uisce láithreach, rud righin, ceangaltach, sleamhain, srumach, mar bheadh draoib fhuaiscealach. Ramalach uisce ná féadfá d'ól thíos i ngabhal an phortaigh: salach, bréan righin ina stad. Cuimil an ramalach ded chuid éadaigh, bhí silimididhe ort: srumaidhe.

ramhán: *f.1.* búithré (cainnte), greadadh ceóil; rabhcán; taom. Gach ramhán casachtaighe a thagann air budh dhóigh leat go mbeadh sé árduighthe chun siubhail aige: racht: tocht. Ghlac ramhán gáiridhe me nuair chonnac an íde a thug an lathaigh ar an ngaige ar thuiteam do: racht: trithidhe troma. Chaithfeadh sé a lá 'sa shaoghal mar sin ag ramhán: ag duanaireacht rabhcán.

rámhann: (**rann**) *b.2.* úirlis (arm) rómhartha, bas leathan ghéar uirthi go bhfeac (chun a hionnraimh), agus cúilín léi chun a sáidhte i dtalamh leis an gcois; mana tómhaiste talmhan curadóireachta (cúig troighthe go leith ar faid). Ná tair i ngiorracht rainne dhom nó beidh t'anam orm: athchomair dom. Bhíomair i ngiorracht rainne don dtalamh nuair árduigh an ceódh: buailte leis. Dá bhfeicinn braon ólta aige do theichfinn céad rámhann uaidh: dob fhearr liom gan bheith in aon ghiorracht do. Rámhann de thalamh na hÉireann níl agam: díth-thalaimh. Ar an gclódh fásta atá ar an ngort san ní cuirfear rámhann i dtalamh ann: ní bainfear aon toradh as lé n-a olcas. Feac rainne: cos. Cuilín na rainne: an blúire a síntear síos leis an bhfeac i más an iarainn chun a fáischithe agus satailt air chun í do sháthadh i dtalamh. Rámhann cheardachan: déanta ag gabha cois baile.

rámhanadóir: *f.3.* fear oibrighthe rainne. Rámhanadóiridhe is sluaisteóiridhe.

rámhóir: *f.3.* rámhadóir, rámhaidhe.

rámhóireacht: (**rámhadóireacht**) *b.3.* do chur bád ar siubhal ar uisce lé maididhibh, gluaiseacht mhall, righin. A ghleóidheacht is bhí an chráin dhubh ag rámhóireacht cois cloiche: ag gluaiseacht go mall réidh ghá seachaint féin ar charraigeachaibh etc. Bímís ag rámhóireacht linn: ag gluaiseacht buille ar bhuille.

ramsach: *a.* gleódhach, greithileánach, scleóndrach, fothromach, calánach, meadhar-ghlórach. Bean ramsach ag rinnce: lán d'anam is í ag bualadh an cheóil go maith. Tá an seómra so ró-ramsach agaibh, ní fhéadfadh éinne fanacht in bhur measc: ró-ghleódhach. An cat is an franncach a bhí go ramsach lé chéile: glisiam is fothrom aca. Caithfidh cuid agaibh gabháil amach mara stadaidh sibh, táthaoi ró-ramsach, ní sheasóchadh ceann práis libh: ró-ghlórach. Cuireann sé ramsach go maith chun oibre ach go háirighthe, pé cuma dhéineann sé í: glórach, gleódhach. Ag rinnce go ramsach: clagairt ag brógaibh.

ramsach: *b.2.* fuaim, glór, clagairt, fothrom. An chloch a caitheadh ar an ndoras lé fuinneamh bain sí ramsach as: glór creathach, gur éirigh smúit as. Baintí ramsach as lic an teinteáin ag rinnce uirthi oidhcheannta bainise: glór: suathadh a chorruigheadh í is a bhaineadh smúit aiste. Ramsach ge n-a fhiaclaibh ag cogaint an aráin chruaidh: cnagarnach: glór cruaidh. An obair chruaidh seo a bhainfidh ramsach asat: suathadh as do chnámhaibh. Dá bhfeictheá an tuinncéir ag baint ramsaighe as easnaidheachaibh an asail lé bata: bualadh goirtighthe: greadadh tinneasach. B'ait liom cad bhí ag déanamh na

ramsaighe go léir sa tigh a dhéidheannaighe sin san oidhche: calán: glór is fothrom. Cuir uait an ramsach nó dúiseóchair an té atá 'na chodladh: léimreach is pramsáil a ghní glór. An aimsir seo atá an ramsach sa Rúis: suathadh, dul trí chéile is glórtha measctha. Bainfidh súd ramsach asaibh ag imirt: cuirfidh go dtí bhur n-aon beart sibh: bainfid suathadh agus tuargaint asaibh. Ramsach ag báistigh dhá bhaint as fhuinneógaibh: clagairt: glór láidir, trom.

ramscéal: *f.1.* scéal éigin ceapuighthe, cóirighthe ar thoil dhuine; scéal ná beadh fíor nó go mbeadh aduighthe air, go mbeadh amhras ina thaobh; a bheadh i mbéalaibh daoine go fóirleathan. Sé ramscéal atá ar Dhún an Óir gur baineadh na cinn den ndúnlucht tar éis a gcrochta: i mbéalaibh daoine é sin. Is iomdha ramscéal agam ar an gcaisleán: go bhfeictear spirid ann amanna áirighthe: go gcloistear glórtha ann, etc. Dathad ramscéal agam ar Fhionn: scéalta iongtacha ná beifeá deimhnightheach gur fíor iad.

ramscéalaidhe: *f.4.* finnscéalaidhe, duine a inneósadh eachtraidhthe go hiomadamhail, flúirseach, fíor nó bréag. Ramscéalaidhe breágh gur bh'aoibhinn leat bheith ag éisteacht leis ar a chúrsaidhibh farraige is a imtheachtaibh lasmuigh. An ramscéalaidhe sin, is fíor gurb iontsuime a eachtraidhthe, ach, maidir lé fírinne dhóibh, bheinn in amhras ortha. "An amhlaidh is dóigh leat-sa nár thuit san go léir amach?" – "mo thuairm nár thuit, gur ramscéalaidhe thu": duine a cheapas cunntaisidhe samhlaoideacha ar a imtheachtaibh, a dhéineas cóiriughadh catha do chur ar a n-innstear do. Ná bíodh aon tsúil leis an ramscéalaidhe sin má bhuail éinne leis: thabharfadh sé an lá ag cainnt leis ar futa fata: duine ná cuirfeadh suim in aonnidh faid gheóbhadh duine do dhéanfadh comhchainnt leis.

ramscéalaidheacht: *b.3.* finnscéalaidheacht, eachtraidheacht; cóiriughadh is samhlaidheacht in eachtraidhthibh. Chaitheamair seal i gcúláis an tighe tábhairne, ár gcuacha ár bhfiadhnaise, ag ramscéalaidheacht, sinn uile: ag comhchainnt go soilbhir. Focal ní chreidfinn dá ramscéalaidheacht! ar inns sé scéal fírinneach riamh?: an cóiriughadh catha chuireann sé ar a mbíonn dhá rádh aige. Ramscéalaidheacht áluinn atá aige, sin a méid: dá mb'fhíor a n-abrann b'iongtach é. Bí amuigh tapaidh, is cuir uait an ramscéalaidheacht, d'fhanfá annsan go maidean: an chómhchainnt is an cur thart áidhbhéiseach.

randaireacht: *b.3.* déadadh amhrán; aithris rabhcán. Randaireacht go subháilceach di féin is í ag crúdh a bó: ag crónán. Ar mh'anam mhuise, ná raibh aon fhonn randaireachta orm nuair bhuail an gála an tigh agus a fhuaduigh plannc as an gceann aige: oiread subháilcis orm is go mbíonn ag amhrán. Stad de randaireacht, táir ghom chur amudha, ní fhéadfainn aon fhocal do scríobh agat: stad den mhion-amhránaidheacht so.

randamanradaidheacht: *b.3.* cainnt gan deallramh, rud nách fiú trácht air. Randamanradaidheacht chainnte duit a rádh go mbeidh an cogadh so i leathtaoibh fén Nodlaig: cainnt ná fuil aon rud a dhéanfadh tacaidheacht léi. Randamanradaidheacht dómh-sa bheith ag dubh-obair ar phúnt sa tseachtmhain: rud gan blas gan dath. Níl ach randamanradaidheacht sa tsuirgheacht san choidhche ní thiocfaidh aonnidh as: seafóid: cúrsa gan éifeacht.

rang: (**raing**) *b.2.* sreath, buidhean, céim, cliath. Cuir ina rang i ndiaidh a chéile go gleóidhte: ina gceann is ina gceann in órd. Rang fhear chómh breágh is d'fhéadfadh do shúil luighe ortha: gasra. Tá rang agaibh ann, a fheara: scata. Tá an rang chughainn: dream (mar bhuachaillidhe an bhaile): tá siad féin chughainn: an dream aerach. Bhailigh rang ar fhear na gcleas is a mbéal ar leathadh aige: buidhean. Sa rang chéadna ar scoil atáimíd: an bhuidhean chéadna. Árduigheadh rang san arm é as ucht a ghaisce: céim. Rang chrann ar bhruach na canáile: crainn ina líne i ndiaidh a chéile.

ranga: *f.4.* duine nó ainmhidhe caol, lom. Léan ort, a ranga, ná híosfadh do dhóthain is bláthas éigin do theacht ort: duine cnámhach, lom. Ranga mór, groidhe an fear so, a leithéid is annamh do bhuailfeadh leat: crann-laoch fir. Rangaidhe beithidheach ná cuirfeadh mágh méith na Midhe aon chroiceann ortha: ná raibh ionta ach na cnámha. Tá do chapall imthighthe ina ranga ar fad: lom, bocht.

rangartach: *f.1.* duine nó ainmhidhe lom-chnámhach, neamh-chórach (focal táire). A rangartaigh, ní fiú deoch uisce na n-ubh thu ná tabharfá iarracht éigin ar thu féin do chosaint: duine gan phreab. Sínte ina rangartach is mó chaitheann sé a shaoghal is ní i bhfeighil gnótha: liosta, leisceamhail. Is beag é mo mheas ar rangartach mar thu .i. mar a gcuirtear i gcomórtas an duine lé hainmhidhe cnámhach, mío-chórach.

ranglach: *f.1.* duine nó ainmhidhe lom, scruitíneach. Ranglach éisc a bhí airéir ann nách fiú do chur ar an dtlúth: ná beadh ann ach an croiceann agus na cnámha. An ranglach bocht, tá sé go dona cheal bídh is éadaigh: cuma shuarach, thruaillighthe air. Ranglach mhóna: fóid bhoga, stroillíneach, mhíochúmtha.

ranglamán: *f.1.* duine toirteamhail, bog, saonta; ainmhidhe mór, neamh-chórach. Chreidfeadh an ranglamán na luthragáin!: duine ró-bhog. Ranglamán ceart ag cur an bhóthair de thu: aindeis, neamh-shlachtmhar. Níl an buancas sa ranglamán chun lae cruaidh oibre do chur isteach: fear bog, trom, aindeis. Dá bhfaghadh an ranglamán capaill sin coirce na Mumhan ní chuirfeadh sé ceól ann: sodamán.

rann: *b.2.* cuid, scar, treith fé leith i nduine. Ní réidhteóchair leis níl aon dul agat air, duine do-ranna míofhoirtiúnach é: gur deacair rainnt leis, cóstáil leis, a bheith réidh leis. Fear chómh so-rann is tá ar t'eólas é sin, áiteamh ná argóint ní bheidh eadraibh, fágfaidh sé gach aon rud fút féin: duine gur furaiste cóstáil leis. Tor an mhadra ní raibh aige ort ná ar a leanann ded ranntaibh thu: cúlaistínidhe: lucht tacaidheachta.

rann: *f.1.* cliath a ceathair nó breis de líntibh chomhshona, cóirighthe dréir meadair áirighthe. Dia dhuit, seadh, an bhfuil aon rann agat a scaoilfeá orainn?: aon duain (mar deirtear): scéal nuadh. Dán deich rann: deich gcodanna. Is iomdha rann a bhí istigh ina inchinn. Budh mhór an chailleamhaint nár scríobhadh iad: filidheacht béaloidis. Caith orainn rann éigin, is ná bíodh sé ina thigh tórraimh againn: eachtruigh scéal éigin dúinn. Cúm rann do: déin dán nó amhrán air. Déanfair rann righin anois de má leanair a thuilleadh air: déanfair fruis frais den scéal ina aithris. An bhfuil aon rann eile agat orm anois? (searbhas): aon scéal eile a ghroigfeadh me.

rannach: *a.* deighilteach, claon lé rainnt, fial. Táir an-rannach indiu, do roinnfeá lé héanlaithibh an aoir: fial, flaitheamhail féd chuid. Leig do san, ní hairgead rannach é, le duine áirighthe é sin: níl sé ann lé codannaibh do dhéanamh de. Tá san rannach eadrainn: páirteach: smut ag dul do gach nduine againn. Is é an buachaill den gclainn is rannaighe fé n-a chuid é: is féile: is túisce a scarfadh leis.

rannach: *f.1.* rinn talmhan. Baile an Rannaigh i Márthain, Corca Dhuibhne: baile go bhfuil rinn ag rith amach uaidh.

rannadóir: *f.3.* tighearna, duine a rainneas (roinneas), a dheighleas. Mar rannadóir, is é máighistir aca é, fág fé an chuid is mó agus is fearr do bheith aige féin. An claidhe seo rannadóir an dá thalmhan: teóra.

rannaidhe: *a. n-dh.* leithleachais, claon báidheamhail. Táthar ró-rannaidhe leat-sa ar fad, gheibhir an chuid is fearr de n-a mbíonn ar siubhal is gan é tuillte agat: báidheamhail.

rannaidhe: *f.4.* amhránaidhe, aithriseóir, scéalaidhe, duine a chumas filidheacht. D'imthigh na rannaidhthe a bhíodh ag gluaiseacht fadó: lucht eachtraidhthe. A dhuine chóir, níl in ár measc anois ach giofairidhe hallaidhe rinnce; im óige-se bhí rannaidhthe go flúirseach ag síor-thabhairt fé chéile is bhíodh filidheacht aca ar a chéile chómh tiugh le raithnigh: lucht déanta amhrán cháinte is mholta.

rannaidheacht: *b.3.* do dhéanamh nó d'innsint dán nó scéalta. Léan air an slabhra beag, ní bhíonn de ghnóth ná de chúram air ach bheith ag rannaidheacht: ag déanamh filidheachta ar dhaoinibh. Leaghfadh sé an oidhche ag rannaidheacht ar an gcuma san dá bhfaghadh sé éinne a éisteóchadh leis: ag cur síos is ag eachtraighe. Rannaidheacht atá agat: aithris nách fíor.

rannaire: *f.4.* dáileamh; duine go mbíonn riar aon ruda fé n-a chúram. Anois lé linn an chogaidh seo tá rannaire bídh i ngach tír atá ag cómhrac: duine go bhfuil ina chómhacht is fé n-a smacht an biadh do rainnt go comhthrom ar na daoine. Sid é rannaire na hoibre: an té a thugas a chuid lé déanamh dos gach éinne. Sé dualgas an rannaire luacha do chongbháil íseal: riarthóir.

rannaire: *f.4.* aithriseóir dán, amhrán, rabhcán; duine a gcumtha. A rannaire bhig, is gan id cheann ach gliogram gliog: leithscéal file. Rannaire breágh slachtmhar dob eadh é, féach na ceathramhna san a chúm sé ag moladh na háite: ceapadóir dán. Níor thugtha dhuit an rannaire úd do tharrac ort ná go ndéanfadh rann ort: éascaidh chun faidheamhlachta is filidheachta a chuirfeadh na daoine ag magadh is ag fonmhóid fút lé n-a chuid dréacht.

rannaireacht: *b.3.* do cheapadh nó d'aithris rann nó ceathramhna, dréacht. Budh shlachtmhar é ag rannaireacht, chuirfeadh sé aoibhneas ceart ar do chroidhe é do chlos ag aithris Piarais an Dúna, an fhuaim, an ceól is an binneas a bhí ina theangain: ag aithris go beó, anamamhail. Tá an diabhal féin anuas air, tá san, aon stad ní théigheann air acht ag

rannaireacht ar dhaoinibh, ag déanamh seóidh is magaidh díobh: ag déanamh filidheachta gearra ortha, gonta, fonmhóideach.

ranngás: (**ranngcás**) *f.1.* fothrom, gleódh, pramsáil, ionfairt, suathadh geónach, dul trí chéile glórach. Más maith libh an taobh istigh des na sugáin do bheith agaibh cuirfidh sibh uaibh an ranngás: an léimreach ar fuaid an tighe gan féachaint do throscán nó áruistidhe. An iomad ar fad ranngáis tímcheall an bhúird seo chun cártaidhe d'imirt: suathadh, gleódh is glór ag daoinibh. Ná déinidh aon ranngás anois, a bhuachaillidhe, a chuirfeadh amudha me: corruighe glórach: léimreach: stracadh thall is stracadh abhfus. Imthighidh, a leanbhaidhe, amach fé fhairsinge an bháin ag ranngás díbh féin, tá an clár tógtha dem cheann agaibh!: súgradh gleódhach. Mara raibh ranngás ar fuaid na cistean ag an gcat is ag an bhfiréad d'iarraidh dul i muineál a chéile, áruistidhe is troscán dá fhagháil, má fuaireadar riamh: coimheascar go raibh cnagarnach ag dul leis: fothrom trom ag rudaíbh mar bhaineadh na trodairidhe tuargaint asta. Teanaidhidh ag ól, tá beagán scillingidhe agam-sa, bíodh ranngás éigin againn, tá cuma an-mharbh orainn: seódh éigin a chorróchaidh an spirid. An uair is aoirde an ranngás is córa stad de: nuair bítear ag déanamh aoibhneasa, sin é uain an choiscthe dá gcaithtí ciall leis. Táthaoi rithte chun ranngáis ar fad, a Mhuire! a bhfuil de dhigh is de ghleódh aca: gan aon tsrian lé n-a gcalán is scléip. Ranngás an chait leis an luichín: an súgradh rannaidhe. Má gheibhim-se amach go mbeir-se ag ranngás lém inghin-se an piléar do chuirfead ionat!: ag suirgheacht mícheart. B'é crích is deireadh an ranngáis aige é ná tógfadh sé cómhairle éinne a bheadh ar mhaithe leis is gur lom is gur scrios é féin: deireadh na mbeart ait. An uair sin nuair bhí breis na ndaoine san áit budh mhó an ranngás a bhíodh ar an sráid oidhche lae margaidh: gleodháil is suathadh. Ag rinnce is ag ranngás do féin ar seódh na gile, sin mar tá aige: lán de smuirt: sláinte ar fheabhas aige, is é ag baint aoibhneasa as an saoghal. Baile mór ranngáis dob eadh é Lá an Easpuig, rinnce, amhrán, ólachán, cleasa etc.: lá aoibhneasa. Ní raibh aon rud chun deiridh do chur lé n-a chuid ranngáis ach an bás: scléip is éirghe anáirde. Ná tairng ranngás chun an fheirmeóra lé linn an fhóghmhair: aon rud go mbeadh cuma an chaithimh aimsire air. Ní ranngáis rinnce is ní rinnce ranngás: gleódh is geáitsidhe is fothruim. Nuair éirigheann mísheól do dhuine nó d'ainmhidhe siubhaltach, bradach, deirtear, "tá deireadh lén-a chuid ranngcáis anois".

ranngásach: *a.* rannsach, súgrach, rúiseach, rúidéiseach. Caithfear stad den ngleódh so, táthaoi ró-ranngásach, cloisfear sibh is tairngeóchaidh sibh caoraidheacht na ndaoine ar an dtigh: iomad fothruim, dul trí chéile is gleóidh dhá dhéanamh. Ná bíodh aon eagla ort go bhfuil faic 'e bharra air siúd, is é atá go ranngásach: beó, aibidh, lúthmhar. Comh ranngásach lé huan óg: míreógach, lán de léimreach. Cá bhfuil aicme is ranngásaighe 'ná scata leanbh scoile nuair gheibhid cead a gcos: de shúgradh, de léimreach: cleasa seóidh is gleáchais. Seachnaid, tá an áit an-chumhang, agus raghaidh sibh lé faill má bhíonn sibh ranngásach: rúiseach, suainseálach. Oidhche shoilbhir, ranngásach a bhí againn, gach éinne go seódhach, súghach: éirghe anáirde: aoibhneas dhá bhaint aiste.

rannghabháil: *b.3.* rann-pháirtiughadh, do rainnt, cómh-pháirteachas, comh-roinn. An chuid is lugha a bheadh aige, lé n-a fhéile, dhéanfadh rannghabháil uirthe: rainnfeadh sé í. Deir gach éinne go bhfuil cúis ghearánta aige gurb é a fuair an chuid budh lugha ar an

rannghabháil: an cóimhriar a deineadh. As a chuid rannghabhála sa chogadh is a fheabhas a throid sé tá táille lé n-a shaoghal fachta aige: a chion san achrann.

rannghabháltaidhe: *f.4.* rann-pháirtidhe. Glaodhadh ainmeacha na rannghabháltaidhthe a bhí i dteideal an phlúir déirce d'fhagháil: iad so go raibh cuid de ag teacht chúcha. Bhíos ar rannghabháltaidhthibh na hargóna agus níor ró-mhaith do labhras le hiomad líonrith: iad so a labhair ag pléidhe pé rud a bhí fé áiteamh. Rugadh agus tugadh chun dlighe rannghabháltaidhthe na cora: iad so go raibh a gcuid innte.

rann-pháirt: *b.2.* rainnt nó riar ar rud ameasc daoine; cómh-chuid nó cómh-rainnt dhuine de rud. An bhfuil sé de mhío-ádh ort ná fuilir sa rann-pháirt seo: go bhfuil an oiread daoine ag fagháil coda. Deineadh fiche rann-pháirt den bhfearann bhaile agus an oiread céadna do thabhairt do gach tríontaidhe (tionóntaidhe): fiche cómh-chuid. Bíodh an biadh ar fad i rann-pháirt eadrainn: tógadh gach éinne mar oirfidh do. An soc chun aighnis atá air ní bhfaghadh sé a shláinte mara mbeadh rann-pháirt aige san áiteamh: a chuid den gcainnt. Mo chion-sa den rann-pháirt b'í budh lugha is oth liom, mar ná rabhas chómh maith is budh cheart dom: mo ghníomh san gcúrsa go raibh gasra ag gabháil de.

rann-pháirteach: *a.* do bheith páirteach (i); baint do bheith ag duine le rud i gcuibhreann. Ná beifeá rann-pháirteach san mbiadh linn, tá dóthain meithile annso dhe: cuid de d'itheadh linn. Nílir chómh rann-pháirteach leis an ndigh is d'fhéadfá bheith: chómh fial fé n-a riar. Guidhimis go dúthrachtach, díoghraiseach go mbeimís rann-pháirteach i ngach luaidheacht ó Dhia: go bhfaghaimís cion de gach tairbhe spioradálta a thagas dá bharr. Triúr aca do daoradh chun a mbáis as bheith rann-pháirteach ina marbhadh: lámh do bheith aca ann. Bead-sa, leis, rann-pháirteach sa dochar duit, pé beag mór é, as an méid atá déanta de dhíoghbháil duit: bead freagarthach cuid de do leasughadh. Go rabham rann-pháirteach i ngrástaibh Dé: cuid dá ghrástaibh go dtuitidh orainn go léir. Bád rann-pháirteach seadh í: tá breis is duine chúiche. (**cómh-pháirteamhail**)

rann-pháirteachas: *f.1.* aiste bheith rannach i ngnóth nó i gcúrsa lé daoinibh eile; córachas tráchta ina mbíonn rainnt ag an adhmanaidhe (feadhmanaidhe) i sochar na cómhluchta. Is fada me i rann-pháirteachas leis san bhfeirm sin is focal achrainn ní raibh eadrainn riamh: tá an fheirm i gcuibhreann againn. Scar an bheirt chómhghuallaidhthe rann-pháirteachas lé chéile nuair nár réidhtigheadar ar roinnt na creiche: cuibhreann gnímh. (**cómh-pháirteachas**)

rann-pháirteamhlacht: *b.3.* cómh-rannadh; aiste na rann-pháirtidheachta; cómh-rainn. Duine leithleachais nár theastuigh uaidh is nár thaithnigh rann-pháirteamhlacht riamh leis: aon rud do bheith i gcuibhreann aige lé héinne. Rann-pháirteamhlacht so na hÉireann faid is buan é is díth don ndúthaigh é: cuid di bheith fá bhuannacht ag Sasana. Tabharthas ceart ó Dhia na Glóire neamh-rann-pháirteamhlacht na hÉireann sa chogadh diablaidhe seo: gan baint leis ná lámh do bheith aice ann. Níor bh'fhéidir maoidheamh as mhacántacht i rann-pháirteamhlacht an ghnótha chaim seo: an chuid de go raibh baint aige féin leis.

rann-pháirtidhe: *f.4.* cómh-pháirtidhe; duine a bhíos cómh-pháirteach in aonnidh nó go mbíonn cuid nó smut aige dhe. Mise agus eisean amháin rann-pháirtidhthe an ghnímh, baint ní raibh ag neach eile leis: an t-aon bheirt a bhí ina threis. Go rabham in ár rann-pháirtidhibh i ngrástaibh Dé: a dtairbhe go bhfaghaimíd. Deineadh bráigheanna den dtriúr rann-pháirtidhthe mar gheall ar cham is chalaois: iad so go raibh gnóth eatartha aca. Creidimíd go mbíonn na hanamacha atá i bpurgadóireacht ina rann-pháirtidhthibh linn in ár n-úrnaighthibh: go dtéigheann ár nguidhe chun a maitheasa.

rann-pháirtighim: *b.a.* rainnim, téighim i gcuibhreann, bíonn cion agam de. Rann-pháirtigheadar an chaora, an seisear aca gan pioc do thabhairt d'éinne eile: ghaibheadar ina codaibh eatartha í. Riamh níor rann-pháirtigheadh aon dúthaigh comh gráineamhail is rann-pháirtigheadh Éire lé lámh láidir is díoghaltas: gur deineadh mar atá ina dhá cuid í. An iomad dúile agam féin ann ná rann-pháirteóchainn lé héinne: ná tabharfainn cuid ná blúire dho. Má fhéadaim é, rann-pháirteóchad i gcath mo dhúthaighe: déanfad mo chion ar a son. Rann-pháirtigheadar an tsluid eatartha: dheineadar codacha dhi. An chéad uair eile a rann-pháirteóchair aonnidh liom-sa beidh saoghal duine ann, ní hé do chion do bhíonn uait ach cion dáréag: a bheir i gcuibhreann liom.

rann-pháirtiughadh: *f.* (*-uighthe*) do ghabháil coda de; do chómh-rannadh. Is furaiste leis an biadh do rann-pháirtiughadh lé duine: cuid de do thabhairt do dhuine eile. Ní raibh puinn againn sa rann-pháirtiughadh mar sin bhí tómas maith ag gach duine againn: sa rainnt.

rannsughadh: *f.* (*-uighthe*) d'útamáil, do chuardach, do réapáil; do shéirseáil. Ag rannsughadh ameasc na leabhar do ráinigheas ar shean-cheann a bhí ar iarraidh, gan fagháil thoir ná thiar air lé fada riamh: ag gabháil tríotha: ag séirseáil, ag lorg ruda éigin. Dá mbriseadh Dia mo chroidhe ionam ag rannsughadh sa tseanchurpad ní bhfaghainn mo charbhat ann: ag cuardach, 'sag caitheamh rudaidhe tóin ar ceann. An earra ar an gconntabhairt do, é ag rannsughadh a phócaidhe ar lorg a fiacha, is cuma dhuairc air ar eagla ná faghadh: ag útamáil ar dalladh. An cat ag rannsughadh gach aon dógha leis an oidhche ar thóraidheacht luch: réapáil.

rannsuighim: *b.a.* séirseálaim, útamálaim, cuarduighim. Rannsuighim an tigh do is cad é an mhaith dhom é, adeirim leat, nuair atá a fhios agam ná fuil sé ann: tugann an taobh síos suas de. Rannsuigh na pócaidhe, bíonn rud éigin bradach agat i gcómhnaidhe: útamáil tríotha: mion-chuarduigh iad. Cúil ná poll, oscailte ná foluighthe níor fhágadar nár rannsuigheadar ar lorg páipéar is gunnaidhe: nár shéirseáladar: réabadar is caitheadar thórsa fé agus tharais.

rannsuighthe: *a.r.* mion-chuarduighthe, séirseálta, útamálta, réapálta. Ní raibh tigh ar an mbaile ná raibh rannsuighthe aige ar lorg tobac lé dúil a fhaghálta: mion-loirgthe. Na pócaidhe rannsuighthe seo, is iad atá go dealbh – chómh dealbh lé bolg an bhóthair: cuarduighthe, scriosta. Nuair bhí an tsráid ar fad rannsuighthe agam duit d'éirigheas as an lorgaireacht, ghá cheapadh ná féadfá bheith fém chuardach: séirseálta ó cheann ceann.

rannsuightheóir: *f.3.* séirseálaidhe, réabthóir, etc. Níor fhág na rannsuightheóiridhe úd tigh ar an mbaile nár fhuaduigheadar rud éigin as: daoine ná raibh géilleadh aca d'aon rud ar lorg an nídh a bhí uatha. An rannsuightheóir cait sin ní bheadh faic fé chloich agat ná go n-aimseóchadh sé: séirseálaidhe: paidhceálaidhe eólgaiseach.

rannta: (**roinnte**) *a.r.* deighilte; riartha; scartha. An bhféadfadh éinne a rádh ná go bhfuil an t-airgead rannta go cóir, ná fuil a chion beacht fachta ges gach éinne: riartha: ina chuid is ina chuid ar áirighthe daoine. Is oth liom é, ach níl aon leigheas air, táimid rannta lé fada, fiú amháin ní bheannuighimíd dá chéile: scartha: deireadh lé muinnteardhas. Éire rannta ag Sasana ar a toil féin, cuid aice mar oireann dá camasghail: ina dhá cuid. Airgead rannta é seo idir dheichneabhar: cuid fachta nó curtha ar leithrigh do gach duine aca. Dar an leabhar breac so, mar gheall ar choróin, bíodh sí agat, is deacair do bheith rannta lé fear galánta: deighilte uaidh: in earrad leis. Táim chómh so-rannta lé héinne, ach nuair chidhim calaois do bheinn dochaiseach go leór: bog lé cóstáil nó réidheachtaint liom. Dá mbeadh an talamh rannta ina cheart, ní bheadh cuid aca ar bheagán agus cuid aca ar an móir-mhéid: cuid chóir fachta ag gach duine aca. Ní rabhadar riamh ach do-rannta lé chéile, a rian air, ní réidhtighid: dochaiseach ina gconbharsáid ar a chéile: deacair réidhteach. Má tá neamh rannta ar éinne is air-sean é tá sé chómh diadha san: bronnta: áit ann in áirighthe dho.

ranntach: *a.* tugtha do, claon le rannaibh do cheapadh, lán de rannaibh. Níl an chuimhne chómh ranntach agus bhíodh nuair bhí breis den óige agam, téigheann an furmhór sa mhuileann anois orm: ní fhéadfainn an oiread dréacht is rabhcán do chur as tóin a chéile. Tá aigne ranntach aige, bíonn sé d'iarraidh snapadghail amhrán do dhéanamh gan aon lagadh: tugtha d'fhilidheacht.

raoiseach: *b.2.* an ghunail íochtarach i mbád. Ná ceangail do shiota fén raoisigh. Síos go ríosaigh: last mór do bheith innte.

rapach: *f.1.* poll coinín, gnáthóg, daingean, scrios. Cómh teólaidhe seascair lé coinín ina rapach: poll doimhin sa talamh. An talamh go léir ná féadfá a shiubhal leis an méid rapach atá ann: puill fhada, chama, dhoimhne. Mara gcoisctear fear san na scine déanfaidh sé rapach: scrios, díoghbháil: sceanach. An stáca ina rapach ges na franncaigh: lochán déanta aca dhe: an gráine laitighthe, an méid ná bíonn ithte dhe. Is cosamhail lé rapach coinín dul isteach 'on tigh, puill, póirsidhe, is cúláistidhe i ngach treó ort: áiteanna ag teangmháil ar dhuine gan choinne leó. An rapach a dhein na fíogaigh ar mo líon breágh, nuadh: stolladh agus stracadh. Ná ceapfadh sibh bhur suaimhneas, an é ceapadh atá agaibh rapach do dhéanamh dem thigh: raic: é do réabadh. An sionnach go bhfuil rapach aige ameasc na gcarraigeach, an dóigh leat-sa gur furaiste teacht suas leis: daingniughadh: gnáthóg gur deacair taighdeadh uirthi. Bheadh raic i nganfhios do dhuine ameasc na bhfaillteach úd, mara rannsófí go maith é, tá an oiread san rapach ionta: puill is uaimheacha. Ní fheadair éinne cá mbeadh rapach ag an mbitheamhnach cliste úd: poll daingean, foluighthe. Cé dhein an rapach so go bhfuil go haonnidh cill tuathail sa churpad?: an taighdeadh is an útamáil mar bheadh ainmhidhe fiadhain ag cur cré is gainimhe tharais (ag réapáil tharais) chun gnáthóige dho féin. Rapacha coinín: na puill léo féin; ach coingéar coinín: mórchuid díobh.

rápáil: *b.3.* glór, séideadh. Cé déarfadh ná go bhfuil rápáil (ghaoithe) ar an spéir sin laistiar ar a bhfuil de shíogaidhibh innte: seighneáin: scallaidhe cruaidhe, troma. Cad tá ag déanamh na rápála san lasmuigh? an gaoth í?: glór is fothrom.

rapladh: *f.1.* slapaireacht, sailicheacht, neamh-chrích; bóiléagar aindeis. Ní mór ná go gcuirfeadh rapladh na cistean ag aiseag thu, árus (árthrach) salach annso is árus salach annsúd: neamh-ghastacht is neamh-ghlanchar. Ar an rapladh atá ar a cuid éadaigh is follus gur cuma léi cad é crot nó deallramh a bhíonn uirthi: clódh ná faghann an t-éadach puinn aire ná ceanmhaireacht.

rás: *f.1.* cúrsa, rith i gcomórtas; coimheascar gluaiseachta i rith, marcaidheacht, rámhaidheacht, seóltóireacht, rothaidheacht, etc. tionól chun rás capaill etc.; aon chómhrac nó coimheascar chun oibre éigin do chríochnughadh roimh dhuine eile nó chun áite éigin do shroichstint go deifreach: aicme, treabh, geinealach: sruth (sraoth) mhuilinn. Déin rás nó beir déidheannach: rith mhear. Nuair chidhtear fuadar siubhail, oibre ar dhuine deirtear, "tá sé ina rás": an deabhadh is mó is féidir do dhéanamh. Cad é an rás atá ort ná béarfá bog air: deabhadh is deifir. Beidh sé ar rás agat breith air, bheith in am, etc.: gan do dhícheall do dhéanamh ní dhéanfair an talamh (an bheart). Rás air! cad é a bhain do gur dhéin sé a leithéid?: tóir air! .i. tá míoshásamh orm ina thaobh. Téanam ar an rás (na ráiseanna): an cúrsa nó an pháirc go mbeidh capaill i gcomórtas reatha, rothaidheacht, etc., nó báid ar uisce éigin. Rás capall, fear, bád, etc., etc. Bainfidh súd rás asat má leanair é: beidh sé deacair agat congbháil suas leis. Ní haon an-thruagh ar fad anois í, tá a clann go léir chun ráis: i ndán aire do thabhairt dóibh féin agus cóngamh beatha do thabhairt di. Lé tamall annsan do bhí sé ar a leabaidh, ach tá sé chun ráis airís: ábalta ar ghabháil tímcheall is friotháilt ar a ghnóth. Is fada ó ráis do chapall: níl aon deallramh reatha air. Rachfad ag rith leat d'fhéachaint céagainn go mbeadh aon bhreis scríobhtha aige: ar comórtas. Rás (áir) ort ar mhuin capaill anáirde: tóir go raibh ort. Ní dhéanfadh aon rud (an saoghal mór, etc.) capall ráis d'asal: an té ná bíonn an mianach ceart ann ní athróchadh ná ní fheabhasóchadh oileamhaint ná eile é. Ó chuireamair an droch-bhall san dinn gan aon tionóisc, tá rith an ráis linn: tiocfam saor: níl a thuilleadh baoghail. I bhfaid an ráis traochfair é, níl fir a dhóthain aige: lé himtheacht na haimsire. I gcúrsa an ráis ní fheadar ná gur tú is buaine: i bhfaid an chomórtais. Ó thúis go bun an ráis: ó thúis deireadh aon chomórtais nó coimheascair. Cad n-a thaobh an rás? ní bhearfaidh do chuid anairte ar an luach: an deabhadh go léir is an fothraga. Machaire an ráis: an pháirc go rithtear iad. Dá mbeadh iasc ar maidin ann dá neamh-thoramhail air do leigid ortha do bheith, bheifí ag rás lé chéile chuige: bheadh fonn mór ar cheannuightheóiridhibh chuige. Aon cheal fén spéir air tá gach aonnidh ina rás aige: go leór de. Ag déanamh orm ar nós rás mhuilinn: go luath mear. Ná bíodh aon rás ort leis, déin i gceart é: deabhadh thar ceart. Is é a thosnuigh leis a thón do thógaint os a chionn, aithne do chur ar lucht ráis: iad so a bhí ceanamhail ar mhachaire ráis is gill do chur. Is lucht an ráis ag filleadh abhaile: na daoine a bhí ag féachaint ortha. Níl baill den domhan mhór ná go mbuailfeadh duine de rás na nGaedheal leat ann, táid chómh scaipighthe sin: cinidh.

rásach: *a.* rúiseach, siubhaltach, reathach, tugtha do rás. Airéir fiche míle ó bhaile ar rinnce, an ocht in áit éigin eile, anocht a chómhfhaid; buachaill rásach seadh é:

siubhaltach: neamhstuidéartha. Cad n-a thaobh go bhfuilir cómh rásach ag dul ó thigh go tigh, ná déanfadh áit éigin thu: rúiseach: gan aon stuidéar áite ort. Scar sé lé n-a mhnaoi bhí sí ró-rásach do, cuideachtaidhe a bhain a meabhair di, níor bh'aon bhean teinteáin í: reathaidheach.

rásaidhe: *f.4.* duine, ainmhidhe nó aon rud a rithfeadh rás. Rásaidhe capaill, con, báid, eitealláin etc. Tá deallramh ar an gcpall san go bhfuil braon an rásaidhe ann: folaidheacht an chapaill ráis.

rascail: *f. n-dh.* fleascach, duine mío-mhacánta, suarach, táir. An rascail, dá bhfaghadh sé sin an lom ort budh ghearr an mhoill aige fealladh ort: cladhaire gan mheas aige air féin. A rascail, seachain tú féin nó béarfaidh an roth ort (go ceanamhail): a chladhaire. Anois, a rascail, an t-am agat, ná buaidhtear ort .i. chun meisnigh do chur air. Na rascailidhe clainne atá agam d'ólfaidís a gcastar de thobac: na cladhairidhe. Is meidhreach na rascailidhe iad: cladhairidhe go mbíonn fonn scléipe ortha. Rascail capaill a chuireann stailc suas nuair is maith leis é, is ná corróchadh dá ndéanfá greamanna dhe: capall atá lán de chladhaireacht. Rascail ceárdaidhe ná déineann amach dá gheallamhaintidhibh: ceárdaidhe a bhíos ag cur amudha lé n-a thoil mheanmnaigh. A rascail, mo sheasamh ort, anois nó riamh: a bhitheamhnaigh (lé cion). Níor dhein riamh é ach rascail: duine táir gan mheas air féin.

rascalach: *f.1.* aon rud garbh, fada, liobarnach, neamhmín. Rascalach móna ná tiormóchadh gan mórán gréine: trom, snáithíneach, aindeis, gan an mianach ceart innte. Rascalach sean-fhéir, bog, trom atá chómh deacair do shábháil lé féar faille: fada, garbh, aindeis. Daoine beadaidhe ann adeir gur rascalach plúir atá againn anois, ná réidhtigheann leó: arán garbh, trom. An rascalach mine a thagas anois níl sé oireamhnach don mhuic féin: min gharbh, throm, righin.

rascalam: *f.1.* aon rud garbh, neamh-mín, neamh-thaithneamhach. Cad é do ghnóth id mhaireachtaint i rascalam áite mar é sin, clocha, screathain, gleannta: ball neamh-chomhthromamhail. An rascalam tighe atá aca san ní bheadh oireamhnach d'aonnidh ach d'ainmhidhthibh: fé mar bheadh fothrach. Rascalam cnuic, nách maith an earra d'aon ainmhidhe: cnoc garbh, fliuch, fiadhain.

raspa: *f.4.* barra cuimealta, líomán; séithleach duine nó ainmhidhe. Mínigh leis an raspa é, tá sé an-gharbh. Nách é an sean-raspa é gur túisce a scarfadh lé n-a anam 'ná lé pingin dá chuid airgid: cruaidh, neamh-fhial, sprionnlaithe. Raspa bó go ngearrfadh gach cnámh léi tobac duit: séithleach bó. Na raspaidhe capall a bhí dhá cheannach ag na tuinncéiridhibh bheadh iongadh ort, lé n-a seirgtheacht, cad dob áil leó dhíobh: scruitínidhe. Raspaidhe cloch amach ar an scairbh a ghearrfadh go cnámh thu: clocha lán-ghéara. Aon bhraon bainne níl ag an raspa san: seanbhó chnámhach.

raspáil: *b.3.* (do) líomhadh, (do) mhíniughadh. An gabha ag raspáil crúb an chapaill i dteórainn na gcrúdh aige: ag cur uachtair mín uirthi trí chuimilt. An glór gránda, garbh do dheineadar ag raspáil dá chéile: ag cuimilt go garg.

raspálaim: *b.a.* bainim áis as raspa, mínighim, líomhaim. I dteórainn na crudha is na dtairngidhe raspáil an chrúb: mínigh í lé líomhán: na leadáin bheaga atá uirthi, scrios iad.

rásúr: *b.5.* (*iol.* –acha) scian (altán) beárrtha. Ghearraidh go cnámh me ar nós na rásúrach: chómh glan, gan stracadh. Thug sé an rásúr air féin!: ghearraidh sé a scórnach léi. Baineann an greim as bolg éisc i líon ar nós na rásúra: a fhiacla géara fágaid rian glan mín ina ndiaidh. Chómh hóg san nár chuir sé an rásúr fós air féin: nár bhearraidh féasóg de. Scian ar nós na rásúrach, seachain nó fágfaidh cimiar ort: an-ghéar. Corrán nár cuireadh rásúr riamh air: nár bearradh: gan féasóg. Scaoil an rásúr ort féin!: gearraidh do scórnach léi, nó, bearraidh thú féin. Tá faobhar rásúrach ar an sciain, ghearrfadh sí an ceann de mhart: an-ghéar.

rath: *f.3.* ádh, sonas, toradh maith, séan, tairbhe, breis, maitheas, fiúntas. Go gcuiridh Dia an rath ort: an t-ádh. Go gcuiridh Dia an rath ort agus aithris .i. do bheinn rí-shásta tú d'innsint dom. Rath Dé is Mhuire (ó Dhia is ó Mhuire) ort: ádh an domhain. (Go raibh) an rath ag rith ort (deaghghuidhe): ádh is sonas go raibh do shíor id bhóthar. Righe ná rath ná raibh ar aon rascail mar thu: ceannas ná sonas go raibh agat. A bheag dá rath ná raibh ort .i. an rud atá déanta ná raibh pioc dá bharr agat. B'é an pósadh gan rath é: nár lean sliocht é. Budh mhór an rascail é agus an cailín a bheith do chur ó rath is gan í do phósadh: í do chur ó mhaith, ó chrích: í do chreapadh. Is fada gan rath gan fóghnamh é: níl áis ná maith ann. An udhacht a dhein sé, ráinigh éislinn éigin innte gur cuireadh ó rath í: ar neambrigh. "Ní bhíonn an rath acht mar a mbíonn an smacht": gan riar ceart is géilleadh dho ní éireóchaidh lé haon rud. Rath agus bláth na bliadhna ort as gach nidh a chuirir rómhat: ádh agus toradh flúirseach. "Rath an bhaile seo thíos, rath an bhaile seo thuas, rath an bhaile seo thoir, rath an bhaile seo thiar ar an meidir seo againne", ars an bhean a bhí ag déanamh na cuiginne .i. bíodh rath chách againne is gan faic aca san! "Gan righe gan rath gan aon strus/ ach síonta ag gearradh a chéile/ is gan fasc ar aon taoibh" (An Cnuicín Fraoigh): gan cheannas, gan ádh, gan maoin etc. Rath do chéirde ort, a bhitheamhanigh: an rud atá tuillte ag duine mar thu: nár éaluighir uaidh. Rud gan rath gan bail bheith ag obair dian ar thuarastal gorta: aon deallramh in ao'chor níl leis. Rath na raithnighe oraibh .i. go raibh an t-ádh ag teacht chómh tiugh oraibh agus fhásann an raithneach. Aon lá den rath ní raibh air ó dhein sé an éagcóir sin: mío-ádh air. Aon lá dem rath nár bheiridh ort (drochghuidhe): mío-ádh ghod leanamhaint do shíor. Aon lá den rath nár bheiridh orm má tá focal bréige dhá innsint agam .i. is í an fhírinne ghlan í. An té go mbíonn an rath ar maidin air bíonn sé um thráthnóna air: is gnáthach nuair thosnuigheann an t-ádh lé duine go leanann sé dho (deirtear so trí fhormad lé duine go gcasann is go n-athchasann an séan air). "Ó, cad dhéanfadh an mí-rath", deirtear nuair thárluigheann cinneamhaint nó díoghbháil do dhuine. Droch-rath ort mar chat a dhoirt mo chuid bainne: droich-chrích ort. Bíonn an rath ar an slibireáil: is minic a thagas toradh maith ar rud ná cuirtear puinn d'obair mhaith ann: an rud gur ná beadh dóigh leis éirigheann leis go hiongtach. "An té ná bíonn an rath air féin bíonn sé ar a chuid gabáiste": duine leisceamhail is minic go mbíonn an séan ar a ghnóth. Is cuma liom cad deir éinne níl aon rath chun léighimh air: aon mhaith níl ann. Dá mbeadh aon rath orm thiocfainn ar m'aradhnachaibh in am agus ní thabharfadh an bitheamhnach na cosa uaim: aon chrích tapamhlachta. B'fhearr liom rath clainne orm ná rath airgid: clann in ionad saidhbhris. Cothughadh dhuit air, a dhuine, tá rath an éisc riamh ort: ní bhír dá cheal. An té ná bíonn

rath an tsaoghail seo air, níor bh'fhearra dho bheith beó ná marbh: ádh. Bíonn an rath i ndiaidh an cheisnimh: an té a bhíos ag cnáimhseán is ag gearán ar a dhroch-aiste le piseógaibh creidtear go leanann an séan é.

ráth: *b.3.* cuid mhór éisc mar scadáin nó rannaigh ag gluaiseacht in aon scata amháin. Ráth ghabhar (iasc). An bháisteach atá air go bhfuil corr-mhíola ina ráth ann: na mílte aca in aon díorma amháin. Ghaibh ráth mhaircréal chughainn ar mhéirneáil gur bhuail na líonta thíos ar tóin puill: iomadamhlacht éisc ag gluaiseacht ina scata. Is salach a bhí sé go raibh míola ina ráth ar a chuid éadaigh: go hiomadamhail: ina screamh. Ráth bheithidheach chómh breágh is chonnac riamh: scata mór groidhe. Ráth nó dhó eile tuighe ag teastáil ón gceann: sreath: sleamhanc. Iasc ina ráthannaibh: flúirseach.

ráta: *f.4.* nós, béas. Sean-ráta riamh oidhche Bealtaine teine chnámh do bheith againn: nós atá tagtha anuas ó ghlúin glúin. Ráta in ár measc gan teine dhearg do bhreith amach as thigh go mbeadh cuigeann dhá dhéanamh ann nó bean ag iomchar clainne: nós ón sinsir go leanfadh mí-rath é.

rathach: *a.* ádhmhar, séanmhar. Ní hairgead rathach airgead éisc, leaghann sé: ní bhíonn an t-ádh ina dhiaidh. Cad is rathaighe 'ná an mhacántacht i ndeireadh dála: ádhmhaire.

ráthaidheacht: (**ráthái**l) *b.3.* iasc ag imtheacht ina scataidhibh móra. Ní maith an cómhartha iasc bheith ag ráthaidheacht leis an lá, fanann sé múchta leis an oidhche. Deargáin ráthaidheachta .i. ag imtheacht ar barr uisce, rud nách gnáthach leo.

rathalaise: *b.2.* duine aindeis, neamh-mín. Cá bhfios don rathalaise sin connus é féin d'iomchar i gcómhluadar béasamhail: duine búisteamhail, aineólach. Níor mhaith liom puinn coimhtheasa do chur ar an rathalaise, níor bh'aon iontaoibh cad déarfadh sé: duine do-thuigseanta gan lághaicheacht.

rathamhail: *a.* ádhmharach, séanmhar, éirightheach. Bliadhain rathamhail thortha, flúirse ar gach barra. Oidhche droch-rathamhail iascaigh, ní fheacamair a shúil: gan séan: mí-ádhmharach. Is neamh-rathamhail do chuir sé a chuid airgid i siopa ná raibh aon trácht ann: go neamh-éirightheach. An barra is rathamhla sa cheanntar so, prátaidhe: is iad is mó go n-éirigheann leó. Má bhíonn tú rathamhail do dhóthain níl baoghal ná go n-éireóchaidh leat: má bhíonn sé de sheans ort. Urchar rathamhail go maith a chaithis: shroich sé an marc. Daoine rathamhla, ní raibh aon rud go dteangmhuighidís leis ná go n-éirigheadh leo: go mbíodh an t-ádh ortha pé cor do chuiridís díobh féin. Múinteóir rathamhail é sin, tagann an-scoláiridhe uaidh: múinteóir go mbíonn toradh ar a shaothar. Pé cuma é, tá sé an-rathamhail tímcheall cártaidhe: gheibheann cártaidhe maithe chuige de ghnáth. Níl aon chleamhnas is rathamhla 'ná cleamhnas na luaithe: an cleamhnas a déintear idir dhaoinibh aitheantamhla.

rathamhnachas: *f.1.* séan, bail, ádh. Saoghal gan rath gan rathamhnachas: ní raibh a bheag ná a mhór d'ádh. Cothughadh ar rathamhnachas Dé chughat: breis de bhail Dé ar gach rud a bhaineas leat. Rathamhnachas clainne oraibh mar lánamhain: sliocht mór go raibh oraibh.

rathamhnas: *f.1.* sonas, séan, buaidh, bail. Bhain do chuid túipleála rathamhnas na gcártaidhe dhíot: nílid ag gabháil chuige chómh maith. Níl aon iarracht dar thug sé ná go raibh an rathamhnas air: ná gur éirigh leis. Connus a bheadh súil agat lé rathamhnas Dé ar do shaothar nuair ná fuilir macánta: a bheannacht.

rathmhaireacht: *b.3.* ádh, séan. Ní féidir choidhche a rathmhaireacht féin do bhaint d'éinne: an té go mbíonn an t-ádh leis ní féidir é do choimeád fé chois. Bheadh an rathmhaireacht air in áit go bhfaghadh duine eile bás lé bochtanacht: d'éireóchadh leis.

rathmhar: *a.* torthamhail, ádhmharach, éirightheach. Níor rathmhar an pósadh do dheineadar, budh gheairrid gur scaradar le chéile: pósadh mío-ádhmharach. Rás rathmhar dom-sa dob eadh é seo, do bhuadhas geall chúig bpúnt air: éirightheach. Cheithre huaire chuaidh sé i ngiorracht poinnte an bhioráin do é do bháthadh, fear rathmhar é a thug na cosa leis: ádhmharach. Budh rathmhaire an bhliadhain seo ar choirce 'ná aon bhliadhain lé fada: is mó de d'fhás chun na ndaoine. An turus neamh-rathmhar a thugas go Mearaice a mhill mo shaoghal ar fad: an turus ná tháinig faic dá chionn.

rathughadh: *f.* (*-uighthe*) do mhéadughadh, d'fheabhasughadh, d'eascar, dhul chun cinn; séan. Má bhí an síol mall féin ag teacht i dtosach, tá rathughadh mór le geairrid anois air: feabhas, eascar. Ní raibh an chómhlucht ag rathughadh in ao'chor chómh maith agus budh mhaith leó, agus do scuireadar: ag dul ar aghaidh. Fan uaim, ní haon rathughadh orm tú do bheith in aon ghiorracht dom: ádh. Rathughadh don áit dob eadh é do theacht ina measc, is iomdha obair do chuir sé ar bun ann: bail: séan. Bhíomair ag déanamh go diail ó thosach, agus ag rathughadh táimíd: breis séin ag teacht orainn leis an aimsir. Dá mhéid den bhfiadhaile do baineadh budh dhóigh leat gur chun a rathuighthe é: chun an chothuighthe agus breise do chur air.

rathughadh: *f.* (*-uighthe*) fógra, faisnéis teacht dhuine. Thána go gleóidhte ortha gan rathughadh: gan aon choinne aca liom. Tháinig sé gan rabhadh gan rathughadh: gan focal, faisnéis, ná coinne leis.

ráthughadh: *f.* (*-uighthe*) d'imtheacht i ráthaibh. Na maircréil ag ráthughadh go raibh barra dearg aca ar an bhfarraige: ag gluaiseacht ar barr uisce ina scataidhibh móra, troma. Ag ráthughadh isteach 'on líon: ag mogallughadh go hiomadamhail.

ráthuighim: *b. n-a.* gluaisim ar barr uisce. Ráthóchaidh an t-iasc leis an mbeódhachtaint: éireóchaidh ar barr uisce is gluaisfidh go tolgach i scataidhibh troma. Ráthuigh sé 'on líon: mhogalluigh sé go hiomadamhail. Éisceanna ná ráthuigheann in ao'chor .i. ná gluaiseann ar barr farraige.

rathuighim: *b.a.* $_7$ *n-a.* méaduighim, téighim i mbreis, feabhasuighim, cuirim bail ar. Rathuigheadar go mór san áit, ní raibh ann díobh ar dtúis ach líon tighe, anois tá bailte ar fad fútha: mhéaduigheadar: chuadar i líonmhaireacht. Ní rathóchaidh an chalaois go deó, ná codail ar an gcluais sin: ní mhéadóchaidh ar do mhaoin ná ar aon nidh a bhaineas leat.

D'aindeóin ar thárla dho chun a bhochtnuighthe do rathuigh sé, mar bhí Dia buidheach de: do chuaidh sé chun cinn sa tsaoghal.

re: *a.* eile, dara, malairt. Bíodh gach re tamall againn ag úrlaidheacht is ní bheidh sé chómh trom ar éinne amháin: bíodh uain ag gach duine againn air. Choidhche ní bhíd síothchánta, is amhlaidh do bhíonn gach re tamall aca ag báirseóireacht: duine aca anois is an duine eile aca annsan. Gach re seachtmhain téighim ann: imthigheann seachtmhain idir gach aon dá thurus do thugaim ann. A leinbh, níl baoghal ná gur ómósach ataoi dod mháthair, is bheith ag tabhairt gach re seadh dhi: ag tabhairt giorraisc cainnte dhi: ghá freagairt go mí-bhéasach. Táim gach re pioc chómh maith d'fhear leat-sa nó lé haon duine agaibh go bhfuil meas fir aige air féin: is me do chómh d'fhear ar gach slighe. Gach re oidhche bhíonn suas againn leis an nduine breoidhte: duine againn oidhche áirighthe, is an duine eile an oidhche ina dhiaidh: malairt oidhche. Bhíodar ag gabháil dá chéile ar dubh-thiomáint, gach re buille aca ar a chéile: an tómhas céadna aca dhá thabhairt aca dá chéile. Gach re lá scoile do bhíodh agam féin is ag mo dhreáthair: an lá bheadh san uaithi bheinn-se uirthi agus eisean uirthi an lá ná beinn. Táir gach re lá aoise leis dá mbeifeá ghod chur féin in óige go deo: chómh haosta díreach lé n-a chéile. Thugamair an lá ar gach re deoch go dtí go rabhamair súgach go maith: an oiread céadna tómhas ag ceachtar againn. Lé stailcidheacht is lé cuthach bhí gach re streall fuail ag an láir .i. streall, grod-stad is streall eile. Gach re tamall ag gol 'sag gáiridhe aice: gach dara tamall. Bhíos ag tabhairt gach re focal do mar olc air nuair chonnac a thuaisceartaighe agus bhí sé: mar labhradh sé agus mar bhíodh guibh air d'fhreagrainn é. Raghad ar gach re púnt leat, bíodh geall: cómhaireóchad púnt ar phúnt leat. Chuirfeá, tá a fhios agam-sa é, amach gach re pingin leis: theasbáinfeá an oiread airgid leis: táir chómh gustalach leis. Shiubhlóchainn gach re órdlach leat: táim de choisidhe chómh maith leat. Gach re uair a thuiteadh sé do thógainn é: ní fhágainn ar lár aon uair é. Sin é mar tá aige ar gach re cor, droch-mhúinte, mí-bhéasach: ní athruigheann. Chidhinn a cheann ag éirghe os chionn uisce gach re nóimint: cheileabharfadh ar feadh tamaillín is láithreóchadh airís.

ré: *b.2.* an ghealach, éasca; seal, aitreamh, tréimhse, saoghal, beatha. Tá sé ina lán-ré anocht: an ghealach lán: lán gealaighe. Ná bíodh aon faitchíos ort, tá tosach ré is rabharta agat: gach aon chao agat: gach rud it fhabhar. Ambáireach a thiocfaidh an ré nuadh: theasbáinfidh an ghealach í féin den gcéad uair. Tá an ré ina suidhe: lé feicsint [rádh binn leis an gcluais é sin: músclann sé samhlaoididhe]. Lé goin an ré, go saoraidh Dia sinn, bíonn sé go han-olc: lé fíor-theacht na gealaighe méaduigheann ar a bháine. An ré seo chughainn anois fairtear iasc: le linn na gealaighe do bheith san spéir. Cad é an ré atá anois uirthe go bhfuil an búithré cainnte fúithi?: néall (mar saoiltear do theacht leis an ngealaigh ar dhaoinibh corruighthe san inchinn). An ré ag dul fé: ag imtheacht as amharc. É sin! gheallfadh sé an ré is na réilthínidhe dhuit: duine ná bíonn fonn air aon rud do chóimhlíonadh. Beidh sé ina leath-ré ambáireach: leath-lán. Lém ré, seadh, agus dá mairinn a fhaid eile, ní mhaithfead do: i rith mo shaoghail. É de chuma air go raibh a ré caithte: a shaoghal. An bhfuil gach aon deallramh air go bhfuil ré Shasana thart?: an seal a bhí sí i gceannas is i ngradam ameasc tíortha ag trághadh uaithi. Ní mór ná go bhfuil ré duine sa chulaith sin don té a thabharfadh aire dhi: ná go gcaithfeadh sí amach a shaoghal do. Dá bhfaghainn ré cómhairle do ghlacadh ach thánthas ró-obann ró-ghrod orm, do bheartóchainn ar malairt slighe: eaga chun machtnaimh. "Agus dubhairt seisean, créad as

a rachfá chuige indiu? ní ré nuadh ná saoire atá ann. Agus dubhairt sise, beidh go maith" (2. Righthe IV. 23). "Agus tiocfaidh i gcrích, ón ré nuadh go chéile, agus ón tsaoire go chéile, go dtiocfaidh an uile fheóil d'adhradh dom láthair-se, adeir an Tighearna" (Iosaih LXVI. 23): ó mhí go mí. "An uair mheasaim do fhlaithis, obair do mhéar, an ré agus na réalta, a órduighis" (Sailm VIII. 3). Is iomdha ré ó chonnac cheana thu: seal an-fhada. Tháinig an ólaidhe chómh hobann san ortha gur mhúch iad gan aon ré aithrighe: gan aon chao ná aon dul ar mhachtnamh cad dhéanfaidís. Sciob an bás leis é gan ré aithrighe do thabhairt do: go hobann, gan choinne. Tabhair ré aithrighe dhom an cíos d'íoc, b'fhéidir fé dheireadh na seachtmhaine go gcuirfeadh Dia seans éigin im threó: eaga díolta. Éinne a mhair céad bliadhain fuair sé ré fada a dhóthain: saoghal go leór. A Dhia, ná beir geairrid orm, tabhair ré aithrighe dom: tamall im bheathaidh, go gcúitighead mo pheacaidhe. Rugadh geairrid ar a ré: d'árduigh an bás leis é i bhfad roim n-a am. Ciorrbhóchaidh an t-ólachán do ré saoghail: faid do bheatha. Ré uaire ní chaitheann sé in ár measc nuair bhíonn a chos ar bóthar airís, tá sé chómh rúiseach san: seal, feadh: faid uaire an chluig. Raghaimíd go Tráighlí an lá roim ré: an lá roim lá áirighthe, aonach, báire, etc. "B'fheárr leat-sa gach nidh d'fhagháil an lá roim ré": lé duine go mbíonn deabhadh gan ghábhtar nó gan cheart air. Saoghaluigheadh roim ré é, sin é fáth go bhfuil sé chómh meathaluighthe: roim n-a ionbhaidh. Is oth liom díombáidh do chur ort ach ní bhfuaireas ré ar é do dhéanamh: aimsir: cao: amus. Lé ré ár Slánuightheóra ar an saoghal dob eadh é: an tréimhse a chaith sé annso. Ó ré Neapóilean níor scannruigh neach an Eóraip mar Hitlear: ó n-a aimsir: ó bhí sé i réim. Riamh riamh ó ré go ré, tá cogaidhe ann agus beidh: ó shaoghal saoghal. Ó thosach ré sid é cogadh is mó agus is diamhaire: ó thosach an tsaoghail mhóir. B'iongtach é ina ré féin ach níl aon bhreith aige air seo: lé n-a linn: san am ina raibh sé fé réim. Bíodh gach rud ullamh roim ré againn i gcóir na maidne i slighe is ná beidh aon mhoill gluaiste orainn: roim an mhaidin. Bír roim ré i gcómhnaidhe léd chuid cainnte agus deinir do bhotún dá chionn: anthráthach, roim an am oireamhnach. Ní bhíonn de phort aige (ina bhéal is ina bhrághaid) gach ré sholais ach cogadh, cogadh: moch déidheannach is é a ghlór é. Níl mo ré istigh fós, tá a thuilleadh ionam: mo thréimhse maitheasa, gaisce, laochais, ceannais, etc.: níl mo chúram curtha ag an saoghal de fós. An dtiocfaidh aon ré choidhche ort go dtiocfaidh ciall duit?: aon am ded shaoghal, seal, tréimhse. Tháinig ré agus ní bheifeá ag tabhairt tarcuisne dómh-sa nuair bhainfinn sásamh as t'asnadhachaibh: am. Tiocfaidh ré fós ort-sa go nglacfair cómhairle amadáin: tiocfaidh an lá go mbeidh aithreachas ort nár néis rud orm. Choidhche ní thiocfaidh aon ré ratha ort, níl sé d'ádh ort, beir ar an bhfóraoil go deo: aon chao go bhfeabhasóchadh do shaoghal. Bíodh ré suaimhnis agaibh: aitreamh sosa idir dhá speal oibre. Cuireadh an iomad ceisteann chugham, ghá raideadh orm go rabhas dall amach aca gan aon ré machtnaimh d'fhagháil ar a bhfreagairt: cao, eaga cuimhnimh.

réabach: *a.* stracach, stolltach, scriosach, rábach, scafánta, dána; doi-sheasta, iomadamhail, tiugh, slaodach. An fharraige réabach ag gabháil tríthe aniar (bád etc.), a chuirfeadh deireadh grod léd ré: borb, stracighthe, fíochmhar: ag scrios roimpe: do-choiscthe. Gaoth réabach nár fhág bláth ar thor ná ar chrann: fuaduightheach. Arm-shluaighte na Gearmáine ag gluaiseacht go réabach tríd an Eóraip, cá stadfaid?: lé neart is fuinneamh ag scrios rómpa. Cnagann sé an chonntabhairt go réabach is glaodhann na ciotaidhe don dtigh: go dána, rábach: ar shlighe gur dhóigh leat go dtairngeóchadh sé an tigh anuas. Chuir an ráipéar scine a thairng sé orm gearradh fada réabach treasna mo

leicne: gur stracadh idir chroiceann is fheóil. Táthaoi ró-réabach ar fad, ar fad, fágaidh cuid éigin ag n-a thuilleadh: ró-scriosach: an iomad dhá ghnóthughadh díbh féin agaibh. An tuile réabach atá ann: a dheineas créachta doimhne is gleannta a scéidheas thar a portaibh is a fhuaduigheas chun siubhail gach rud ina treó. Fear réabach, ná bí ag caitheamh cainnte air, síos suas ródh na himeartha daoine dhá threascairt aige: do-choiscighthe: doi-sheasta. An fheamnach ag fás go réabach ar thóin na farraige: tiugh, trom. Ag obair go réabach lé rainn: mórán rómhair dhá dhéanamh léi. An líon, ina bholg, go léir réabach ag an gcráin dhuibh, nár fhág pioc de lé n-a chéile: stractha, stollta. Cuir díot an chasóg réabach! an bhfuil aon náire ort?: atá ina géiridheachaibh.

réabach: *f.1.* ceirt, preabán, giobal. Mo ghradhain thu, níl anois ort ach na réabaigh, is do chroiceann leis tríotha: giobail bhailigheas chun an Ghiúdaigh, réabaigh an tighe: a raibh de shean-cheirteachaibh is giobail ann.

réabadh: *f.* (*-btha*) pléascadh, stracadh, stolladh, milleadh, briseadh, etc. An réabadh do fuair a seólta sa ghála, bhíodar ar sileadh: lé n-a crannaibh is ó n-a slataibh, is í ag luascadh gan treóir ar ucht na mara: stracadh lé foirneart. Níl aon teacht anuas lé huathbhás ar an réabadh reilige a dhein na "cranta iarainn" is áthraighe ar chathrachaibh, tighthe ag tuiteam i ngabhal a chéile aca, is créachta móra síos ins na sráideannaibh: milleadh is scrios nách féidir d'áireamh. Ná bí ag réabadh t'incheann leis an gceann cipín sin, d'iarraidh é do mhúineadh: ghá shuathadh ró-mhór. Dhein an ghaoth réabadh mór ar ghasaibh laga, bóithre tríotha: briseadh is brughadh is milleadh. Sclábhaidhe ceólmhar é sin, go bhfuil deargadh is réabadh déanta aige ar phrátaidhibh indiu: mórchuid mhór romhartha bainte aige. Gabhair thobac air go bhfuil sé ag réabadh go haon tsiopa ar an mbaile ag baint ramsach amach go bhfaghadh sé é: ag déanamh gleóidh is fothruim ar a chuardach. Tháinig cuthach air gur chrom sé ar a raibh de leabharthaibh san áit do réabadh soir siar: do theilgean go fiadhain. Na madraidhe ag réabadh an dorais ar feadh na hoidhche d'iarraidh teacht isteach: ghá ionnsaidhe go fíochmhar. Bítear gearánach ar na gluaisteáin go dtugaid réabadh ar na bóithribh: go ngearraid is go laitid iad. Ag réabadh na ndlighthe atá sé riamh, gan aon áird aige ortha: ghá mbriseadh. Dlighthe Dé do réabadh gan eagla roim an síorraidheacht: peacaidhe dá dhéanamh go hiomadamhail. An fharraige ag réabadh lé fóirneart: ag briseadh. An mhuir ag réabadh i gcoinnibh na faille: ag stialladh go hárd is ag briseadh go trom, torannach. Ag réabadh mo bhalcaisidhe, ag gabháil trí aiteann is sceachaibh: ghá stolladh. Riamh ó éirighis suas it ógánach agam táir ag réabadh mo chroidhe nuair ná deinir rud orm agus ómós máthar do thabhairt dom: ghá chéasadh. An réabadh atá ar an nduibhch ge coinínidhibh, í lán de rapachaibh is de chnoigéaraibh: an tóch is an tolladh. Thugadar leó cróidhte is piocóididhe chun réabtha na háite: do bhriseadh is do thóch. Is cuma leat cá ngaibhir ach bheith ag réabadh rómhat: ag imtheacht gan fiadhain gan áird agat ar faic. Is mór an réabadh ar airgead é dhá mhíle do chaitheamh in aon bhliadhain: stracadh: caitheamh gan féachaint do phingin de. Déin réabadh annsan, is ann is dóichighe do cuireadh an t-ór i bhfolach: tóch is taighdeadh. Sibh do réabadh idir cheirt chroiceann as an ndúthaigh budh chóra do dhéanamh: do dhíthshealbhadh is do ruagadh aiste.

réabáil: (**réapáil**) *b.3.* do stracadh (as a mháithreachaibh), do stialladh, do thóch, d'iompódh cill tuathail. Cad dob áil leat ag réapáil annsan?: cad é go bhfuilir ar a lorg? ag

cuardach, 'sag taighdeadh is ag caitheamh thart mar bheadh tarbh lé n-a chrúbaibh tosaigh. Is diail go léir an réabáil a bhíonn ort i lár a bhfuil beó eile: ag útamáil trís gach aonnidh ar lorg ruda éigin. An réabáil atá déanta ar an seómra agat, is mór an náire dhuit é, ní bhfaghainn faic thall ná abhfus id dhiaidh: gach aon rud caithte i ngabhal a chéile: cill tuathail. Ar an réabáil atá ar an madra san brathann luch nó franncach sa stáca: an taighdeadh lé n-a lapaidhibh tosaigh. Dá mbeimís ag réabáil choidhche ní bhfaghaimís aon ór: ag taighdeadh, ag cuardach 'sag follamhughadh. Is mór an leanbh réabála thú: a bhíos ag mion-chuardach d'fhéachaint an bhfaghadh aonnidh ar bóiléagar.

réabaim: *b.a. 7 n-a.* stróicim, stracaim (as a máithreachaibh), pléascaim, scaraim go grod, stiallaim, pasálaim, greadaim, brisim, beárnuighim. Réab leat! níl aon rud chun tú stad anois: scuab leat! gread leat! stiall gach aon rud rómhat. Réabfadh sé bróga iarainn is iad do bheith air!: stracfadh as a chéile iad, bíonn sé chómh dian san ortha. Níl aon mhóid dár thug sé nár réab sé nuair iompuigh ón gcreideamh: bhris sé go náireach. Réab an fharraige an céidh, nár fhág cloch os cionn cloiche ann: stiall: leag: scuab chuin siubhail lé fóirneart. An cailín bocht do réab an cladhaire alfraits a clú nuair a chuir sé ó chrích í: do bhris lé héigean. Réabadar an doras nuair nár fhéadar an glas do bhaint de: stialladar é: d'oscladar nó bhriseadar é lé foirneart. Réab na "cránta iarainn" an tslighe rómpa isteach 'on chathair: bhriseadar is bheárnuigheadar, ag leagadh gach rud ina slighe. Níor deineadh an dlighe ná go réabfadh sé: ná brisfeadh sé lé n-a olcas de dhuine. Réab sé riaghalacha an Chumainn, is ruaigeadh é dá chionn: bhris sé iad. Réab sladaidhthe éigin an eaglais is d'árduigheadar leo cailís: chuadar isteach innte lé fóirneart agus do thruailligheadar í. Réab sé an bhruingheall: rinne sé éigean uirthi. Do réabfá croidhe an té is láidre: do bhrisfeá is do chéasfá. Réabadh na gais aníos as a bpréachaibh: stracadh iad. Do réabadh an uile thonn os chionn an bháid ghá múchadh lé farraige: bhriseadh is phléascadh. Réab sé tharais iad fear ar fhear mar thugadar fé: leag sé tharais iad. Réab duit féin feasta, tá deireadh cónganta agat uaim-se: treabhaidh: gnóthuigh duit féin. Réabfaidh na seólta, tá anairt ró-lag ionta, má bheir strus gaoithe ortha: stiallfaid: stollfaid: stracfaid as a chéile.

réablach: *f.1.* stracadh, pléascadh, ruathar. Gach réablach farraige ag bailiughadh cloch na gcladach rómpa go raibh glór na tóirnighe aca: ruathar. Réablacha gaoithe a bhaineadh smúit as na fallaidhibh: cócha troma, obanna. "Réablacha farraige a bhainfeadh radharc na spéarach díot", ars an fear a bhí ag áidhbhéis: ólaidhthe (dromanna) móra, slaodacha.

réabhóg: *b.2.* snáithín nó córda casta, guaire gréasaidhe, blúire, géire. Réab sé an chasóg ina réabhógaibh: ina géiridheachaibh. An réabhóg ar bharr an tsnáithín céarach: an guaire. Do stróic na póilínidhe ár mbratach ina réabhógaibh ach níor leigeamair leó giobal géiridheacha.

réabóir: *f.3.* duine argana, fóirnirt. Réabóir reilge: duine a osclas uaigheanna chun corp d'fhuadach. Réapáil sé an tigh, nár fhág luid ann nár iompuigh cill tuathail ar nós réabóra reilge. Réabóir ban: fear a ghníos éigean ortha. Réabóiridhe eaglaise nára slán comórtas saighdiúiridhidhe Chromaill: a thruailleochadh tigh Dé trí bhriseadh is sluid. Réabóiridhe iongtacha na coinínidhe a dhoimhne is a fhaid a thaighdid lé n-a laipínidhibh: tóchadóiridhe.

réabtha: *a.r.* stracuighthe, stróichte, pléasctha, stolta, briste, truaillighthe, sár-chuarduighthe. Tá an baile réabtha de thobac agam gan an oiread d'fhagháil is chuirfinn fém fhiacail: cuarduighthe go mion. Ar éirghe ar maidin dom seadh fuaireas an doras réabtha dá lúdrachaibh isteach ar an úrlár: stracuighthe lé fóirneart as ionad. An chistin ar fad réabtha ag an madra ar lorg bídh: go haon rud cill tuathail, tóin thar ceann aige. Furmhór na gcathrach a hionnsaidheadh ón aer réabtha: fothracha déanta dá dtighthibh, créachtaidhe doimhne ina sráideannaibh. An long ar trócaire na mara is na gaoithe, a seólta is a stiúir réabtha: na seólta ina reabhógaibh is an stiúir bailighthe léi nó as órdughadh. Seo áit atá réabtha is carraigeacha bainte as: taighdte, tóchta, romhartha 'on talamh. Bhuail an duine deóranta chughainn isteach ar ádhmhaidin, scéan ina shúilibh is a chuid éadaigh réabtha tar éis anaithe na hoidhche: stolta. An bolg réabtha as na maircréil ges na fíogaigh: gearrtha amach.

reacht: *f.3.* dlighe, cómhacht, úghdarás, réim, ceart. Níor ritheadh riamh reacht ná brisfeadh sé, níl géilleadh do Dhia ná do dhuine aige: riaghail gnímh is iomchair greamuighthe ar dhuine ag árd-ughdarás, ghá nascadh air cad is ceart do dhéanamh agus cad is mí-cheart do sheachaint. Céaca b'fhearr leat bheith fén sean-reacht nó an nuadh-reacht?: an t-órdughadh dlighthe a bhí againn sara dtáinig malairt riaghaltais i gceannas. Is ins an tsean-reacht atá trácht ar Mhaois: an tsean-tiomna – ó Gheineasas go Malaiche. Dréir reachta Dé ní lamhálta do dhuine bean a chómharsan do shanntughadh: toirmeascann dlighe Dé é. Cad deir reacht Dé is na talmhan leat acht, ná déin goid: riaghail iomchair atá ceangailte orainn. Thána fé reacht aon rud budh thoil do dhéanamh: cead is órdughadh lán-chómhachtach agam. "Ó saoradh Maois sa tsean-reacht/ an fáidh nuair bhí sé i dteannta/ ag Féaró fíor-ghlic fallsa/ gan carthanacht 'na chroidhe": san tsean-aimsir. Bun-reacht Éireann: an tómas dlighthe leagtha amach don ndúthaigh a dheimhnigheas a slighe órduighthe is riaghaluighthe. Ina reacht cúirte mé do chaitheamh as seilbh: sin é breith agus órdughadh cómhachta dá réir. "Agus crioslóchaidh tu iad le creasannaibh (Aoran is a chlann-mhac) agus cuirfidh tú na boinéid ortha agus beidh cúram an tsagairt aca mar reacht síorraidhe; agus coisreóchaidh tu Aoran agus a chlann-mhac": dlighe lé cur i bhfeidhm. "Ná déin reacht is ná bris reacht": ná déin dlighthe dhuit féin agus ná bunuigh dlighthe. "Agus nuair bhíonn cúis aca tigid chugham-sa, agus bheirim breith idir gach aon dá rann, do bheirim ortha fios reachta Dé agus a dhlighe do bheith aca" (Ec. XVIII. 16).

reachtaire: *f.4.* déantóir nó tabharthach dlighthe, riarthóir, maor, uachtarán, oifigeach cúirte; feirmeóir tighe bainne. Fén árd-reachtaire fágaimís go haonnidh, cé hiad sinne chun ár mbreithe do thabhairt?: Dia. Bíodh ár ndlighthe olc nó maith, is iad ár reachtairidhe is bun leó: lucht a ndéanta is a riartha. Ní fheadar an cléireach cúirte é nó cad é ach reachtaire seadh é: duine go bhfuil oifig éigin cúirte aige. Ní ró-mhaith iad na reachtairidhe conntae atá againn, féach ar ár mbóithre: lucht riartha cúrsaidhe ceanntair. Maidir lé feirmeóir, ní bheifeá mar reachtaire cearc agam: duine a riarfadh ortha.

reachtaireacht: *b.3.* ceannasacht, ughdarás, maoirseacht, dlighe-riar. Ní hé sin clódh ná imtheacht ná éadach a bhí air sin tamall, is é a bhí go péacach, mar bhí reachtaireacht aige: go hárd i ngradam is i gceannas. Ars an fear go raibh an teanga cháinteach aige, "an

bhfuil an tír aon phioc fé reachtaireacht ár ndaoine féin?" an riar a tugtar ar na dlighthibh. B'olc an earra thusa, b'olc san, dá mbeadh aon reachtaireacht agat is an gleódh do dhéinir ós cionn cúigear fear: maoirseacht nó ceannas. "Agus ar n-a ghairm chuige dho adubhairt sé leis, 'créad é seo a chluinim ort? tabhair cunntas id reachtaireacht uait, óir ní féidir leat bheith it reachtaire níos sia'." (Lúcás XVI. 2): maoirseacht: riar dlighthe nó dualgais. "Agus adubhairt an reachtaire leis féin, céard a dhéanfaidh me? óir atá mo Thighearna ag baint na reachtaireachta díom; ní féidir liom rómhar do dhéanamh; agus is nár liom déirc d'iarraidh" (Lúcás XVI. 3). "Tá a fhios agam céard a dhéanfaidh me, ionnas an t-am a cuirfear as an reachtaireacht me go ngeóbhaidh chúcha me ina dtighthibh féin." (Lúcás XVI. 4): riarthóir maoine.

reachtaidhe: *f.4.* fear déanta nó riartha dlighe. Reachtaidhthe na dúthaighe seo d'aon bhuidhin ar thaobh neamh-pháirteachais sa chogadh so: na daoine atá sa Dáil is sa tSeanaid ag riar Éireann.

reachtamhail: *a.* dréir reachta, dleaghthach, dlightheamhail, dlistineach. Riaghalacha reachtamhla ag baint lé hatúrnae iad go leanann briseadh a réabadh .i. atá lé cur i bhfeidhm dréir na dlighe. Dá mbeadh aon cheart reachtamhail aige ar an dtalamh mólfí leis é: dréir reachta áirighthe.

reachtas: *f.1.* maoirseacht, déanamh dlighthe, á gcur i bhfeidhm. Baineadh reachtas an tighe seo dhíom-sa an lá do thugas suas dom mhac é: ceannas: rith: maoirseacht. Cuirfear reachtas tríd an nDáil go luath ag baint le sclábhaidheacht chun tráth oibre do chiorrbhadh: dlighthe is cómhacht chun a gcur i bhfeidhm.

reachtuighim: *b.a.* $_7$ *n-a.* ceapaim, órduighim, tugaim cómhacht rud do chur i bhfeidhm. Reachtuigheadh go mbeadh uachtarán, taoiseach, is tánaiste againn: cinneadh dréir dlighe. Do reachtuigh an eaglais aitheanta atá chómh ceangaltach orainn do chongbháil lé haitheantaibh Dé: cheap agus d'órduigh. Reachtuigh an chúirt saighdiúiridhe é do chur chun báis: d'órduigh sí.

réadóir: *f.3.* duine a ghníos fáisnéis ar an aimsir, saghas fáidhe, néalladóir; fáistneóir. Tar éis do Mhuiris réadóir múscailt as an gcodladh a chuir bainne na bó riabhaiche air a bhí ag inghear ar an ionad in ar thuit an lamhnán gaoithe ón spéir d'innis sé na céadta rud a thárla ina dhiadh san: fear a fuair an ainm sin as fháistineacht do dhéanamh. Téighir go dtín réadóir mná úd is mara bhfuil búrdúin is rábhcáin is téarmaidhe aice ón sean-aimsir ní lá fós é: seanchaidhe mná ná fuil aon cheal teangan uirthi. "Frighdeóir fir nó réadóir mná": fear a bheadh a giotáil tímcheall rud gan tábhacht nó bean go mbeadh a ceann san aer aice gan cuimhneamh ar aonnidh .i. ní mór is fiú ceachtar aca. Ní fhéadfainn a innsint duit cad dhéanfaidh an oidhche – ná an lá – ní haon réadóir ar an aimsir me: fáisnéisidhe. Réadóir chómh breágh is a oscail a bhéal riamh, thabharfá do lá is do shaoghal ag éisteacht leis, níl scéal ó Chorcaigh aníos lé leath-chéad bliadhain ná go bhfuil aige: duine a thráchtas ar gach nidh fén spéir. Go ndéanfadh san lá oibre? Mo thruagh do cheann, nár chás do, b'fhearr leis bheith ina réadóir ó thigh go tigh: ag síor-chur chainnte as is ag iomchar scéal.

réadóireacht: *b.3.* néalladóireacht, seamadóireacht, síor-thrácht ar aon rud is ar gach aon rud. Ag éisteacht le duine a bhíos ag cur as gan stad ar an riar so agus an rud úd, déarfí leis, "tá réadóireacht aige": fadálacht chainnte gan traochadh. Ní fuláir liom nó shiubhluigh sé mór-chuid de Mhearaice ar an réadóireacht atá aige air: an cur síos fadálach ar an uile rud ina thaobh. Is é rud a mhoilligh me fanacht ag éisteacht leó ag réadóireacht ar an gcogadh: ag cur síos ar gach gné dhe is é ag tabhairt tuairmidhe. Is minic sinn ag réadóireacht ort féin is ar do bheatha: ghod chur trí chéile is ag caitheamh tuairmidhe ar cad dhéanfair leat féin.

réagún: *f.1.* críoch, dúthaigh, tír, líomatáiste oll-mhór; leirg mhór neamh-chinnte thalmhan, farraige, spéarach. Is diail agus is diabhalta an cleas atá ag siopadóiridhibh is ceannaidhthibh riamh, lé linn cogaidh luach earraidh d'árdughadh ins na réagúin uachtaracha!: daoirsiughadh go millte ortha. Tá na réagúin uachtara an-shuaidhte anocht ar an anaithe atá ann: an spéir uachtarach. Ní mó 'ná buidheach atá na réagúin dá chéile fé láthair ar an achrann atá eatartha: tíortha (an domhain). Chaith sé i bhfad ina mháirnéalach ins na réagúnaibh lasmuigh: tíortha i gcéin. Ní páirceanna bhíonn fé chruithneacht annsúd ach réagúin: leirgidhe móra, fairsinge. Chaill sé a shláinte ag craobh-scaoileadh an chréidimh ins na réagúnaibh teódha: dúthaighe móra, fairsinge. "...Agus d'éirigh sa ló san géirleanamhaint mhór in aghaidh na heaglaise a bhí in Iorúslaim, agus do bhíodar uile ar n-a scaradh ar feadh réagún thíre Iúdaighe agus na Samairia acht amháin na haspail" (Gníomhartha VIII. 1): na leirgidhe fairsinge talmhan go raibh tighearnas aca ortha. Dá dtéightheá agus na réagúin do chuardach, do dhóthain cúraim do bheadh ort feille-bhleaigeárd mar é d'fhagháil: talmhaintidhe an domhain mhóir. Goirtigheadh go maith i réagún an chroidhe é, tá sé an-ghearánach air: i dtreó an chroidhe. Ní talamh atá aige siúd i lár na hÉireann ach réagúin: leirgidhe gan teóra. D'fhógair dos na réagúnaibh íochtara me mar a mbeadh teas liom: síos go crioslach ifrinn.

réal: *f.1.* bonn airgid dar luach shé pingne, sé pingne. Is cuma céaca cárta a choimeádfad nó a chaithfead, "dá réal-scillinge": ní féidir rogha na dígh do bhaint asta. É ag bruighean liom-sa indiu, ag bruighean leat-sa indé, seadh, a fheara, is cuma é, dhá réal scillinge: an clódh céadna i gcómhnaidhe aige é. Réal bán: bonn airgid. Tabhair dom an réal ina phrás: sé pingne. Chúig phúint i máilín ina airgead réalach: réalacha é go léir. Seacht is réal an céad ar iasc: seacht scillinge is sé pingne. Lúib istigh réil níl agam ann: is cuma liom ina thaobh. Is fearr réal indiu ná scilling ambáireach: is fearr an áirighthe ar an láthair ná geallamhaint a dhá oiread uair éigin lé teacht. Scilling ar fad a bhí ann, ina réal ruadh is réal bán. Imrimís réal ón bhfear: geall gach duine.

réalt: *f.1.* ceann de reannaibh imchiana, sholasmhara neimhe, beag i gcomórtas leis an ré nó an ngréin; reann neimhe go mbeadh cómhacht aige ar imtheachtaibh duine; duine a sháruigheas ar rud áirighthe; aon rud i gclódh nó i ndeallramh. Is é ár réalt-eólais ins an iarthar é: is air a bhímíd ag brath chun teagaisc is stiúrtha do thabhairt dúinn. Ní raibh aon réalt eólais eile aige ach an tsean-bhean mar cailleadh a athair 'sa mháthair go hóg do: stiúrthóir: duine a thabharfadh cómhairle a leasa dho. Is í réalt na seacht bparróistidhe í: áilne. Réalt na maidne: pláinéad Bhéanáis ar n-a feicsint roim éirghe gréine. Réalt an tráthnóna: réalt solasmhar lé feicsint an t-am san den ló.

réaltach: *a.* lán de réaltaibh, ag baint leó, geal, solasmhar, follas. Nuair bhíonn an láir bhán sa spéir ní bréag a rádh ná go mbíonn an oidhche réaltach: na milliúin milliúin díobh amuigh. Is furaiste meabhradh anocht oidhche réaltach í: solasmhar uatha. Minic minic dom ag amharc uaim anáirde ar an spéir réalt ag déanamh mo mhairbhne ar chómhacht is glóire Dé.

réaltóir: *f.3.* néalladóir. Réaltóir ceart an buachaill sin, níl réilthín sa spéir ná go n-inneósadh sé a ainm duit.

réam: *feic* **réim**

réamh-: *i gcfbh.* roim, roim ré, túis etc. Dá bhfaghadh an fear san réamh-aire sara dtáinig an taom san air ní bheadh sé ag iomchar na bhfód indiu: aire is é go maith. Ní raibh aon réamh-aithne agam air, an lá san an chéad uair ag déanamh a choidrimh dom: príomh-aithne, aithne roime sin. Do bhí réamh-aitheasc fachta aige siúd, mara mbeadh san, b'fhada buidhe uaidh fios do bheith aige cad dhéanfadh sé: cómhairle nó múineadh roim an am san. Im shúilibh cinn níor chuimhin liom go bhfeaca go dtín lá úd eisean ach réamh-aitheantas dom do b'eadh an buachaill eile: b'aithnid dom é roime sin. Budh chóir go mbeadh buannacht agam ar an áit seo, is ann do lonnuigh mo réamh-atharacha ón dá thaobh leis na ciantaibh: mo shínsear siar amach. Árduigheadh chun siubhail é gan aon réamh-aithrighe: gan eaga Dia do rádh lé n-a anam, do sciob an bás é. B'fhéidir anois gurb eól do cad tá ina chómhair, go bhfuil réamh-bhlaiseadh dhe fachta aige: beagán aithne fachta aige roim ré. Nách geall lé réamh-bhás bheith ag gabháil tríd an anacair seo ar fad: bás is duine ina bheathaidh: duaidhnéis áidhbhéil. Cuir uaim anois is maith iad na réamh-bheannachtaidhe leis: an ghuidheachtaint ar son anama duine a bhíos beó fós. Is ait an fear thusa is bheith ag déanamh réamh-bhuaidhrimh de rud nár thárla, ná beifeá foidhneach: ag déanamh suathaidh aigne de rud ná ráinig go fóill, ach go háirighthe. Ní mar gheall ar aonnidh a dhein sé i láthair na huaire atá an milleán mór ar fad air ach ar son a réamh-bhearta: na rudaidhe atá déanta cheana aige is gan aon mhaitheamh fachta aige. Chidhfeá an bás ag snámh ar a chroiceann, tá na réamh-chómharthaidhthe go léir air: na cómharthaidhthe a thuaras é. Cá bhfuil an call leis an réamh-cheisneamh, níor heitigheadh fós thu: an cáiseamh is an cnáimhseán roim ré. Tar éis a raibh de réamh-chruadhtan beartha orm ní raibh aon chao agam gan mo chos do bhriseadh: iomard is aindeise roime seo. Ní tháinig an scéal chómh hobann san orm, bhí réamh-chlos agam air: éachtaint éigin go raibh rud éigin lé teacht. Ná tabhair aon réamh-chunntas do air, mar ná féadfadh sé a bhéal do chosc is chlisfeadh orainn: eólas ar cad a bhí lé déanamh nó lé tárlachtaint. Bhíos réamh-chráidhte mo dhóthain gan bheith ag giobadh orm mar seo: cráidhte cheana. Réamh-dhíolaidheacht atá uatha so sara gcuiridís an earra: an t-airgead d'íoc as earraidhibh sara seóltar ar a dtriall iad. Dá ndréir féin níl san mhaidhm aoir seo fós ach chun réamh-dhúiseacht do bhaint as an namhaid, i gcómhnáird lé n-a bhfuil lé fagháil aca: múscailt bheag a chuirfeadh in iúil dóibh cad tá in ullmhacht dóibh. Sin é réamh-dhóchas a bhí agam asat, ná teipfeadh ort: an dóchas láidir gan aon triail ort. Chuir sé geall trom ar an gcapall mar bhí réamh-éachtaint aige gurbh iongadh mara mbuaidhfeadh sé: leid nó fáisnéis fachta fé rún aige roim an rás. Níl ins an méid seo cúirtéireacht ach réamh-éileamh seachas mar chidhfidh sibh fós: tosnughadh lag. Idir me

is Dia ní raibh aon réamh-eólas agam go rabhthas chun an tighe do chuardach: cunntas ná eólas roim a dhéanamh. Sarar thosnuigheadar ar throid is faic in armáil ná i bhfearaibh do chailleamhaint do bhí réamh-easnamh ortha: ceal cheana féin: ní rabhadar ullamh. Má tá réamh-easnamh airgid ort tabharfad-sa dhuit é: ceal anois sara dtéightear a thuilleadh. Ní fuláir nó cuirfear crích indiu ar an gcúis, ná raibh réamh-éisteacht cheana uirthi?: nár trialladh cheana í. Creid mise leis go bhfuil réamh-éifeacht an domhain lé gach nidh dá néann seisean: go gcaitheann sé ciall agus foidhne ag machtnamh ar cad is ceart do dhéanamh. Ná tugtar aon réamh-fhaisnéis do, faghadh sé amach i dteannta na coda eile cad tá lé déanamh leis: gan aon rud do rádh leis roim ré a chuirfeadh ar a shúilibh do é. Tugann sé fós gach aonnidh gan aon réamh-fhéachaint, is cuma leis cad thárluigheann: stad chun mhachtnaimh connus mar bheadh ge n-a bheart. Budh mhór an réamh-fhéachaint do a bheith ag cur pingnidhe beaga ’on bhannc nuair gheibheadh sé an chao: tuigsint shean-chríonna, chiallmhar i gcóir an lae chruaidh. Dubhairt sé an mhaidean san is é ag fágaint go mb’fhéidir ná fillfeadh sé an lá san, níor fhill, marbhuigheadh é, budh gheall lé réamh-fhios ar a bhás é: eólas ar a raibh lé tárlachtaint. Is mór mar leigir ort i gcómhnaidhe gurbh eól duit go dtárlóchaidh so agus súd sa chogadh so, nách réamh-fheasach an duine ’e bhreis ar éinne eile: go mbíonn tuisgint nó eólas agat seachas cách lét fheabhas. Aon réamh-fhocal amháin uaim-se, annsan séad leat, is nár stadaidh ár ndícheall thu: beagáinín cainnte sara labhrair. San réamh-fhocal atá leis an leabhar so deirtear gur ainmeacha samhalta a bhfuil luaidhte ann: san bhfocal brollaigh ag míniughadh fátha an leabhair. Seadh, is dóigh (dóin) sarar cuireadh aon leasughadh leis bhí réamh-fhás déanta aige: ní hé an leasughadh budh bhun leis go léir. Aon chreideamhaint níl agam-sa dhá iarraidh as mo cóngamh, mar bhí réamh-fhóirthint fachta aige rómham-sa: cabhair cheana. Sarar chóirigh an bhanarthla i gceart an chneadh bhí réamh-fháscadh tugtha sa bhaile uirthi: a dhéanfadh maitheas go dtí go bhfaghadh sí an déanamh ceart. Ní bheadh sé sásta leis an réamh-fháscadh a bhí tugtha ar an ndoras agam – an glas air – gan boltaidhe do chur air: an daingniughadh do fuair sé roimis air. Fuaireas admháltas ar mo leitir mar réamh-fhreagra ar fiafraighthibh a bhí innte: do chur in iúil go mbeadh a raibh uaim in iomlán agam tráth éigin. Fuaireamair réamh-fhógairt béil gan foghail do dhéanamh san áit sarar cuireadh anáirde an bhagairt dlighe seo: leid nó éachtaint roim ré mara séantí an áit go leanfadh iarsmaidhe é. Sarar buaileadh breóidhte an turus in ao’chor me bhí réamh-ghábhadh agam lé dochtúir, mar nár bhrathas ar fóghnamh: roim an am san do theastuigh dochtúir uaim. Ní dhíolfainn an tigh ar an méid d’ainmigh sé mar bhí réamh-gheallamhaint fachta agam ó dhuine eile breis do thabhairt dom: geallamhaint roim an am san. Dréir gach deallraimh ní dhéineann sé a chuid oibre ró-shlachtmhar tá réamh-ghearánta déanta air seachas so: gearánta cheana. D’fhonn is do thabhairt chun chunntais i dtaobh an mharbhtha do cuireadh réamh-ghearán air toisc gan chead do bheith ar iomchar aige: gearán chun cao do thabhairt dóibh féin é do choimeád i mbraighdeanas. Ní rabhthas sásta leis an réamh-ghearradh a bhí déanta ar mo thuarastal gan tabhairt fé airís: an ciorrbhadh cheana. Réamh-ghléasadh i gcóir an choimheascair uathbhásaigh seo atá ar siubhal do b’eadh an sos troda lé mí: ullamhughadh is tiargabháil. Dá mbeadh sé ar fheabhas is macántacht na cruinne ní háil liom é toisc a réamh-ghníomhartha amhrasacha: na nidhthe a bhí déanta roimhe sin aige. B’fhuraiste cur chugham sa ghualainn mar bhíos réamh-ghonta innte: goirtighthe cheana. “Nílim ag brath ort”, ar sise, “tá réamh-ghrádh agam”: grádh rómhat. D’éirigh sé lé réamh-ghrian na maidne: na chéad-ghathaidhe gréine. Budh dhóigh lé héinne ar a réamh-iarrachtaidhe ná

héireochadh leis, an turus so: na heitimidhe a thug sé cheana. Chuala ó scata daoine é ach is tusa go raibh an réamh-innsint agat: an chéad trácht air. Is í an réamh-inntin a bhí agam fanacht sa bhaile ach d'athruigheas m'aigne ar theacht: an nidh a bhí ceapuighthe ar dtúis agam. Budh chuma cad gheallfí dho ná bhagrofí air, bhí sé de réamh-inntin aige gan stríocadh órdlach: suidhte, meáidhte ar sin lé tamall. Níor dheacair cur chun an dorais bhí mórán réamh-ionfairte fachta: suathadh is tuargaint roime sin. Gheobhair a thuilleadh báirseóireachta uaithi, níl annso ach réamh-ionnsaidhe: breac-thosnughadh ar a bhfuil lé fagháil agat. Gura maith an mhaise dá anam é, tá réamh-lón na síorraidheachta fachta: faoisdin, ola is comaoin. An ag déanamh réamh-lóin atá sé go bhfuil sé ag cur i dtaisce?: ag bailiughadh 'sag cruinneáilt lé haghaidh ganntair nó éigin. Déarfainn go mbeadh réamh-lagughadh dulta ar an bhfarraige sarar luigheaduigh an gála: lagughadh roimhe sin. Is é an réamh-láimhseáil a fuair an t-iasc a dhein a dhíth is ní hé seo: an ionnramhail i dtúis. Mise a fuair an réamh-lán as an gcorn tar éis a bhuaidhte: an chéad lán. Ar ar deineadh de réamh-leanamhaint air roim an dtóir seo, budh dheacair do aon tseasamh cóir do dhéanamh: tóraidheacht cheana. Budh bheag mhaith bheith d'iarraidh a cheilt ná a shéanadh nuair bhí sé réamh-leathta orm gur me budh bhun leis: scaipighthe tamall cheana. Rud ná féadfainn a thuigsint, é do dhéanamh an oiread dearmhad is an cúrsa ar fad réamh-léirighthe agam do dathad uair: mínighthe cheana. Tá so ró-chliste, dar leis, nách gábhadh aon réamh-léiriughadh do dhéanamh do: aon rud do mhíniughadh dho, sul má bheadh tástáil aige air féin. Táir beagáinín réamh-luath id chuid cainnte: deithineasach: ceann-uaiscneach: labhairt gan machtnamh: teanga ró-mheas. Dheineas mórán réamh-mhachtnaimh ar connus d'éalóchainn sarar shocruigheas ar é do mharbhadh: roim cheapadh ar an mbeart do shuathas im aigne an uile-ghné den gcúrsa. Ní hí ósbairt na hoidhche úd budh thrúin bháis do, do bhí réamh-mháchailidhe air i nganfhios d'éinne ach do féin: goirtighthe ó thráthannaibh roime sin. Níor ghábhadh aon réamh-mhúineadh do dhéanamh ar an mbarránach úd do bhí eólas a chéirde go maith aige: múineadh sul a mbeadh tástáil aige air féin. So i dteannta mo réamh-mhairgidhe eile do chuireann an chaidhp báis orm: an brón 'san bhuadhairt tharm siar. B'fhada réamh-mhaoidhte aige go mbeadh díoghaltas aige asam lá éigin: níor bh'é sin an chéad uair ghá mhaoidheamh é. Níor chuir sé aon iongadh ar éinne gur scéidh sé nuair chuaidh an cúrsa ró-dhian air, b'é sin réamh-mheas a chómhghuallaidhthe air: b'shin é tuairm a bhí aca dho. Thug sé réamh-mhóid uaidh ná raibh faic a cuirfí air do dhéanamh ná go gcóimhlíonfadh: gheall sé ó thúis é. Réamh-mhothughadh dá luighead ní raibh agam ar an dtinneas so gur bhuail sé in aonfheacht me: aon bhraithstint go dtí san. Daoine ann a chreideas go raibh gach nidh dá dtárluigheann réamh-órduighthe ge Dia: socruighthe gur mar sin do bheadh. Chuaidh sé chun a mhaitheasa an réamh-oileamhaint a bhí fachta aige cois teineadh sara ndeaghaidh sé i gcoláisde riamh: an teagasc as a óige. Mara mbeadh é do bheith réamh-oilte ar a chéird ní bhainfeadh glais anuas chómh cliste: taithighe mhaith roime sin. Ní hé ughdar an leabhair a scrígh an réamh-rádh: nóta i dtúis leabhair ag tagairt dá adhbhar, etc. Na bailte réamh-ráidhte sa leabhar so níl cloch os chionn cloiche indiu dóibh ann: go bhfuil tagairt dóibh déanta rómhainn. Is maith ciúin a deineadh an cleamhnas san gan focal réamh-ráidhteachais air, gaoth an fhocail ní chualaidh éinne: aon tagairt roim an lá. Is maith dob eól dom-sa cad bhí ar aigne an díolamhnaigh sin, do bhí réamh-rún agam air: fios ceart cad bhí ar maoith aige. Budh dheacair faic do dhéanamh sa doircheacht leis an áit óir ná raibh aon tsaghas réamh-réidhtigh déanta leis an lá: beagáinín éigin roime sin. Aon rud dá ndeárna sé, budh dheacair do dul amudha air mar

bhí réamh-smaoinighthe aige ó thalamh air: ceapuighthe, meáidhte ina aigne. An réamh-roinn(t) a deineadh ar an mbaile nuair fuair Roinn na Talmhaidheachta fé n-a n-úghdarás é ní raibh éinne sásta leis is b'éigean aith-roinnt: an chéad cheann. Nách mór í a dhúil i bhfeóil go bhfaghainn sé réamh-shásamh bheith ag faire uirthi ag beirbhiughadh: sástacht lé hionchas a hithte. Ar theacht go himeall na cathrach dúinn, ní raibh a fhios againn go dtí san go raibh sí réamh-shealbhuighthe ag an namhaid: ina seilbh rómhainn. Budh mhar a chéile dhom bheith ag cuardach ann nó ag cuimilt mo mhéire de chloich, bhí an oiread san réamh-shéirseála déanta air: útamáil is cuardach rómham. Tháinig réamh-shult air nuair chuimhnigh sé ar cad éireóchadh dom leis an gcleas a bhí imeartha aige orm: greann ar a chroidhe gan ach cuimhneamh air. Dá mbeadh aon réamh-thaithighe agam ar an saghas san oibre b'fhéidir go bhféadfainn claoidhe léi ach ní raibh: taithighe ó thúis. Bainimís réamh-tharrac as, d'fhéachaint cad é an neart atá ann: tarrac tástála. Ní hí réamh-theist na bitheamhantaidheachta a bhí air sin go dtí anois: teist na ndaoine roim an am so. Gan bac do cad thárlaidh do ar an dturus, fuair sé réamh-thuargaint dhá chur ar an dtraen: i dtúis báire. "Réamh-thinneasaidhe an bháis iad so", ars an "léasán leice", bhí a fhios agam nách fada théarnóchainn: túis an chatha. Fiafruighim díot, gan aon agó, cad do b'fhéidir liom do dhéanamh nuair bhíos réamh-thabhartha ó strus an lae roimhe sin: cnaoidhte im neart cheana féin. Ná déin réamh-thagairt leis air, fan go mbíonn an triúr againn láithreach: é do luadh roim an am san. "Cad iad na réamh-thaidhbhrithe atá dhá déanamh duit-se, a bhastúin?" ars an bhean leis an bhfear a bhí ag spriogadh fúithi: smaointe i dtreó gnímh. Tusa a fuair an réamh-thairsgint ar an mbeart so, cad fáth nár ghlacais léi?: an chéad fhocal go rabhthas toilteanach lé n-a thabhairt duit. Mo ghoirm thu! mo cheól thu! ní fheaca riamh thu ach ar réamh-thosach, 'san chuid eile ag cnúbháil id dhiaidh: i bhfad chun tosaigh. Siúd é an t-iomrascálaidhe gur baineadh na réamh-threascairtidhe as: na leagaidheacha tosaigh. Níl an cath ach ina réamh-thuargaint, leath na bhfear is na harmála níl i gcoimheascar fós: i dtúis a churtha. An gealas san san oirthear sin é réamh-thuar an lae: comharthaidhe roimis. Na bí chómh réamh-thuaisceartach san, ní dubharthas focal searbh leat: neamh-shíbhialta, gan chúis. Fuaireas réamh-úghdarás ar éinne eile san áit an t-airgead do bhailiughadh: níos túisce 'ná neach eile. Nách é mo cheart-sa réamh-uain do bheith agam ort-sa: seal nó cao ar aon rud rómhat-sa.

reamhar: *a.* tiugh, dlúth, beathuighthe, cothuighthe, téagartha, feólmhar, teann, toirteamhail, lán. Bhíodh a cheann reamhar ó bheith ag gabháil ar scoil air: borrtha, atuighthe. B'é tuairm gach éinne a bhí ag féachaint ná maireann sí an bád béal-oscailte sin a sheasóchadh i bhfarraige reimhir mar í: árd, tiugh, borrtha, gach tonn di. Bainne reamhar ná féadfá a sholgadh ach ina bhéalógaibh: tiugh righin, ceangaltach ar a chéile (tanaidhe a chontrárdha). Ní raibh an leac oighir reamhar a dóthain chun siubhal treasna na habhann uirthi: árd, tiugh. Is reimhre an bheirt sin lé chéile ná bó is coca féir: i bhfad níos muinnteartha. Léan id cheann reamhar nách féidir faic do chur ann: ceann máiléid: ceann gan éifeacht. An teanga chómh reamhar istigh ina charbhat lé digh ná féadfadh sé deich bhfocail do chur as a chéile: atuighthe: a chainnt tréigthe air. Táid chómh reamhar lé chéile anois agus bheadh bó is coca féir: cómh mór: cáirdeamhail. Is diail an fheóil atá curtha suas lé deireannaighe agat, táir chómh reamhar le muic: beathuighthe. Páipéar reamhar le scríobh air: árd ó thaobh go taobh. Ceann reamhar ar an snáthaid seo cad bhain an barra dhi: níos mó ná dréir mar is gnáth. An ceann reamhar den mbata atá tuillte

agam-sa is leigeant dom féin bheith meallta ar an gcuma san: bualadh trom: an ceann trom. Éadach ró-reamhar lé caitheamh sa tsamhradh é sin: taithigtheach fé bhraistint na méar: bruth mhaith air. “Cad é an déanamh a gheibhir ód ghaoltaibh?” – “an ceann caol den mbeatha is an ceann reamhar den mbata”: beagán bidh is mór-chuid oibre. “Seacht seachtmhaine reamhra ó Shamhain go Nodlaig”: fada, breis agus an t-iomlán. Cailín í seo go bhfuil súile reamhra aice, ní fhéadfá gan ceann do thógaint díobh: móra, aibeamhla. Tá a shúil árd-reamhar, cé nó cad a bhuail é?: atuighthe. Is reamhar liom na rúitínidhe cos atá fé do chapall ráis: tímcheall mór aca: tiugh-déanta. Fé féin do bhíonn an riar, is a rian air, bíonn an chuid is reimhre aige féin: is fearr de gach rud. Gearraidh slis reamhar feóla dhom: árd trom, toirteamhail. Coill reamhar atá ag fás leis na ciantaibh: crainn go bhfuil tímcheall is toirt mhór aca innte. Íle reamhar a bhí sa tsoitheach raice: ná rithfeadh ach ina longaidhibh. Is mór an seódh lé n-ól an ciota leanna duibhe sin é chómh reamhar: gus mór ann. Táim chómh reamhar le rón ó thána fén dtuaith: cothuighthe, cruinnighthe, tochraiste, gléasmhar. Maran reimhre thu ’ná broc: níos beathuighthe: breis mhór fheóla ort. Iasc chómh reamhar is mharbhuigheas riamh (contrárdha mhion): toirteamhail. Beithidhigh reamhra: ainmhidhthe cothuighthe amach ’samach. Fód an-reamhar ar an dtalamh san beidh sé righin lé treabhadh: árd, trom. Cosa ró-reamhara fúithi, laiteann siad í: iomad feóla tímcheall na n-alt. Is iomdha púnt reamhar caithte go hait is go hamadántamhail agam: cuid mhór airgid. Táir ag tarrac ró-reamhar ar an airgead, ní sheasóchaidh sé leat: ró-rabairneach. Mo cheann reamhar ’cheal codlata: atuighthe: suaidhte. Dola ró-reamhar don bpoll é, caoluigh é: toirteamhail: an iomad tímchill aige. Clocha reamhara nách aon mhaith mar ghnáiste bóthair: móra: toirteamhla: tímcheall mór aca. Cnuic reamhara Iarthair Chiarraighe: móra: toirteamhla. Lona reamhar ar an maide rámha: ró-thoirteamhail don gcrobh. “Agus do labhradar na daoine óga tháinig suas ina fhochair, mar seo labharfaidh tú leis an bpobal so do labhair leat, ghá rádh, do rinne t’athair ár gcuing trom, acht déin-se níos éadtruime dhúinn í; is mar seo déarfaidh tu léo, is reimhre bheidh mo mhéar bheag-sa ’ná sliasad m’athar” (1. Righthe XII. 10): is mó agus is toirteamhla. Is reimhre fuil ’ná uisce: is dearbh é cómhgas an ghaoil. Duine ró-reamhar é sin lé leigeant ameasc aon chuideachtan, níl focal mín ina bhéal d’éinne: aineólach: tuaisceartach. Súp reamhar ná taithnigheann leis: righin: ar nós glaedh. Sin é an t-iasc idir mhion is reamhar agaibh: garbh: mór-chorpach. B’fhéidir go bhfágfainn-se srón reamhar agat: go n-atfadh sí tar éis a buailte. Prátaidhe, ubhla reamhra.

reamhar-: *i gcfbh.* mór, beathuighthe, téagartha, garbh. Fear reamhar-asnach chómh láidir lé capall: iad toirteamhail, téagartha. Reatha reamhar-adharcach: móra, troma. Phasáladh sí aiteann garbh go neamh-spleádhach bhí sí chómh bonn-reamhar san: buinn chos righin-chroicneach. Shín tuinncéir tuinncéir eile lé reamhar-bhata: bata trom, téagartha. Bróga reamhar-bhonn. Lá reamhar-bháistighe ó scur leigeant, gach aon bhraon di chómh mór lét órdóig: braonacha uisceamhla. É chómh reamhar-bholgach san go raibh sé ina shoitheach roimis amach: bolg borrtha, téagartha. Furmhór na ndaoine gorma bíd reamhar-bhéalach: mór-phusach. Tairngidhe reamhar-cheannacha go mbuailfeadh dall iad: púint mhór, fhairsing. Reamhar-chluig ar mo chosaibh ges na brógaibh, brothal an lae is faid an bhóthair: saicínidhe móra ar an gcneas tógtha le teas is cuimilt. Neart ann, cá mb’fháth ná beadh, fear reamhar-chnámhach: cnámha téagartha, láidre. Réagún reamhar-chnocach iarthar Chorcaighe is Chiarraighe: cnapáin mhóra sliabh go hiomadamhail. Reamhar-chnapóga farraige i gconntabhairt briste aon nóimint: an mhuir

ag éirghe ina tulcaibh troma. An crann is reamhar-chabhlaighe sa choill: is mó go bhfuil tímcheall aige. Á, sin é díreach é, an reamhar-chuid agat is an chaol-chuid againn: an rainnt is mó agus is tairbhighe. Iothla reamhar-chruachach i gcóir an gheimhridh ná fágfaidh ocras ar ainmhidhthibh: trom-fhoraisteach. Amhailt reamhar-chorpach a árduigh ár líonta uainn ná geóbhadh slighe sa chistin mhór so: lán-théagartha. Éist! táir chómh reamhar-chlabach lé héinne a bhuail riamh liom: mío-fhoghlumtha: mío-mhúinte: tuaisceartach. Chuadar ar reamhar-dhóirne lé chéile: dóirneáil chealgánta. Agus do reamhar-dhícheall do dhéanamh, theipfeadh ort, tá an iarracht ró-mhaith dhuit: do lán-dícheall. Na turcaidhthe dhá chothughadh i gcóir na Nodlag go rabhadar ina reamhar-éanlaithe: cothuighthe, beathuighthe. Púicire amadáin go bhfuil reamhar-éadan tairbh air: cuma dhaibhceach, mhalluighthe. Reamhar-fabhraidhe mothallach anuas ar a shúilibh: troma, tútacha. Lá gránda suaidhte neamh-chompórdach go bhfuil reamhar-fharraigidhe ann: ólaidhthe bolgacha, borrtha. Tá reamhar-fhear déanta dhíot: fear teann, téagartha, láidir. Lán do ghabháil i ngach reamhar-fhód do bhaineadh sé: fód tóirteamhail, téagartha. Talamh maith chun curadóireachta é sin, tá sé reamhar-fhódach: croiceann is cré árd air. Toradh iongtach coirce reamhar-ghráinneach: toirteamhail, téagartha. Ainmhidhe reamhar-ghlúineach capaill ná beadh puinn iontaoibhe agat as: tútach, téagartha, neamhshlachtmhar. Is suarach an luach é ar reamhar-iasc chómh maith leis: garbh, téagartha. An bhó ag lighe an fhéir ghlais lé n-a reamhar-leaidhb: teanga go raibh faid idir an taobh uachtair is an taobh íochtair innte. Chómh reamhar-leadhbach san anois do ag digh ná féadfadh an dara focal do chur lé n-a chéile i gceart: tiugh, téagartha, toirteamhail, borrtha. Ní bhfaghadh sé bóna ar an mbaile a bheadh mór a dhóthain do bhí sé chómh reamhar-mhuineálach san: tímcheall mór aige. Fear chómh reamhar-mhuineálach san ná cuirfeadh sé aon mhairg air suidhe chun do bhúird gan chuireadh gan iarraidh: neimh-iongtach, dána deiliúsach. Bean ghroidhe láidir, reamhar-mhágach: crobhanna toirteamhla aice. Nár mise an reamhar-óinseach a thug uaim mo chuid gan cuimhneamh an raibh aon chao go deó airís agam air: ceann corónta aca. I lár a bhfeaca riamh d'fhearaibh loma tamall tá reamhar-phiast ar fad déanta dhe: tuitighthe chun feóla is murtalaidheachta. Fear cumasach, reamhar-phearsanta é seo go ndéarfá ná rug aon cheal riamh air: feólmhar i gcorp. Is iomdha reamhar-phingin tuillte riamh aige lé saothar dúthracht a ghéag: mórán airgid. A reamhar-phláitínigh, ní bheadh súil lé malairt iomchair agam uait: duine ná bíonn ina cheann ach an tuathalacht. Is reamhar-reathach liom mar chapall é chun mór-shiubhail do bheith aige: ó spéir go crúib ró-théagartha. Buachaill ró-cháiréiseach é siúd ná pósfadh í toisc í do bheith reamhar-rútach: toirteamhail tímcheall na n-alt. Léan id reamhar-shúilibh maran ionta ná fuil an cruinneas, is ní lé n-a luighead é: bolg-shúile. Reamhar-stiallacha mairt is cnagarnach aca ag róstadh ar an bhfriochtán: ceannaidheacha troma, téagartha. Ceathanna reamhar-shneachtaidh a bhain clagairt as fhuinneógaibh, go raibh gach gráinne dhe chómh mór le ceann (barra) mo mhéire: sneachtadh mór, láidir. Éadach reamhar-snáithíneach: snáithínidhe téagartha ann. Súile dalla ná feicfeadh thu, táir reamhar-thaidhbhseach go leór: toirt is téagar. Talamh é sin a thugann reamhar-thoradh: barraidhe saidhbhris. An abha reamhar-thuillte tar éis clagairnighe na hoidhche airéir: atuighthe, ag scéitheachtaint thar port.

reamhar: *f.* (*gen.* reimhir) toirt, an áit (cuid) is tiugha agus is iomadamhla. "Is mac a shamhailt nár thárlaidh liom abhfus ná thall go dtána/ go reamhar na gcnoc úd fhána/ lán

d'achrann na líog" (An Cnuicín Fraoigh): an áit mar a bhfuil cnuic go tiugh, iomadamhail ar a chéile. Thairngeamair ár líonta ró-luath ar eagla an iomad do bheith ionta, shaoileamair go rabhamair i reamhar an éisc: istigh i gcorp-lár iomadamhlachta. "Agus féach do tháinig aníos as an abhainn seacht mba sciamhacha agus iad reamhar i bhfeóil agus bhíodar ag ingheilt ar mhóinféar" (Gen. XLI. 2): beathuighthe, borrtha. Riamh níor ob sé reamhar an chatha: níor theich sé ón áit budh ghéire is budh chruaidhe do bhí sé. I reamhar na bhfarraigidhe ní raibh aon teóra léi mar bhád: mar ar thruime is b'aoirde na tonnaidheacha. Beir ar chaol air, ná bac an reamhar: an chuid is téagartha.

réamas: *f.1.* greann, sult, aoibhneas. Má tá aon dream ag baint réamais as an saoghal so is iad dream an airgid iad maidir lé díomhaointeas, dul is teacht fé mar is maith leo, rogha gach nidh ar a ndrom is ina mbolg: aoibhneas. Óir ná féadfaimís corruighe amach ag an anaithe seo bíodh ádhbhar réamais ag baile againn, streanncán ceóil, fo-amhrán, is cómhchainnt ar an sean-aimsir: caitheamh aimsire aoibhinn. I rith an lae tar éis éaluighthe ó scoil is againn a bhíodh an réamas ag tóraidheacht bhreac is ag lorg nead: sult is greann.

reamhrughadh: *f.* (*-uighthe*) do chothughadh, dul i bhfeólmhaireacht, i dtéagarthacht, i dtéachtuightheacht, boradh, at, etc.; úcadh. Chuaidh reamhrughadh mór ar na beithidhigh lé mí, táid líonta amach: méadughadh is tromughadh feóla. Ag reamhrughadh atá an fharraige: na tonnaidheacha ag dul i méid is i dtolgacht. Cuir a thuilleadh mine sa chorcán chun na leitean do reamhrughadh: do théachtughadh: do righiniughadh is do dhlúthughadh. Na hubhla ag reamhrughadh leis an dteas is an aimsir bhreágh: ag dul i méid, i dtoirt is i dtruimeacht. Is iomdha reamhrughadh lé bata is lé clabhtáil do fuaireas ón máighistir nuair ná bíodh mo cheachtanna agam: bualadh go mborradh mo chuid feóla. Is fada reamhrughadh dhá thuilleamh ag eisean: búrdáil mhaith. Uisce éadtrom dob é nuair thosnuigh sé ar chur, ach tá an bháisteach ag reamhrughadh: na braonaidheacha ag dul i dtoirt. Táir ag reamhrughadh ar an móin, fód di ní thiormóchaidh: ag ceapadh fód níos toirteamhla ná a chéile. Cothughadh dho air is (a) chónach san air, ag reamhrughadh san áit atá sé: ag dul i ngustalaighe. As san siar beidh na cnuic ag reamhrughadh ort: beidh breis aca, is iad tiugh ar a chéile, ag bualadh leat. "Ag reamhrughadh orm atá an cath", deirtear nuair bhíonn breis duaidh ag breith ar dhuine trí mhéadughadh struis. Ag reamhrughadh mhuc le min bhuidhe: ghá gcothughadh i gcóir margaidh nó marbhtha. Talamh maith reamhruighthe an pháirc sin: í go sár-mhaith chun feóla do chur ar ainmhidhe. Muileann reamhruighthe .i. ina sciúrtar, glantar, is seargtar éadach tar éis a fhighte: ina ndéantar úcaireacht.

reamharuighthe: *a.r.* cothuighthe, beathuighthe, biadhta, borrtha, atuighthe, méaduighthe, téachtuighthe. Níor stadadar de bheith ag gabháil orm go dtí go rabhas reamharuighthe ar a dtoil aca, mo shúile is m'aghaidh atuighthe: borrtha, bolgtha lé bualadh. An leite reamharuighthe le breis den min choirce: righnighthe, dlúthuighthe. Táir reamharuighthe glan ó dheagh-bhiadh: cothughadh mór tagtha ort. Tá cluthairt san éadach san, mar tá sé reamharuighthe ó thalamh: seargtha, úcuighthe lé tuairgínidhibh. Nách mór mar tá an mhuir reamharuighthe ó thuit an ghaoth, aoirde cnuic i ngach ólaidhe di: atuighthe, borrtha: suaill throm ann. Is maith reamharuighthe atá an cluiche ag an imirt sin: breis chúigeanna curtha léi.

reamhruighim: *b.a.* 7 *n-a.* borraim, méaduighim, ataim, cothuighim, úcuighim, téachtuighim, righnighim. Reamhróchair anois, a bhuachaill, ó tá biadh maith is suaimhneas agat, beidh oiread capaill ionat: méadóchair is fáirsingeóchair lé feóil. Ní reamhróchadh muileann na meilte dhuit é: pé biadh is dá mhéid de gheobhadh sé ní thiocfadh crot ná bláthas air. Ní reamhruigh cearc ghuir riamh: faid bhíonn ar gor ní thagann feóil uirthi .i. duine ná bíonn ach suidhte síos ní thagann breis ghustail air. Reamhruigh ar do thoil anois, an cladhaire, mar is fada ghá thuilleamh é, ná fág aon fhuacht ar a asnaidheachaibh: bí ag gabháil air go mborrfaidh a chorp. Cuir a thuilleadh gainimhe sa mhairtéal go reamhróchaidh sé: go mbeidh sé níos righne is níos ceangalta ar a chéile. Do reamhruighidís ar an leann dubh, b'fhearrde é chun a ólta: neartuighidís ar an suiméar ann ionnas ná beadh chómh tanaidhe ar nós an uisce. Ní fheadar 'en tsaoghal bhraonach cad fáth gur reamhruigh an mhéar so, níor bhrathas aon ghortughadh ná eile uirthi, ach tá sí bolguigthe ar fad: gur at go mór. Ná bíodh aon eagla ort rómpa (imirtheóiridhe) reamhróchad-sa an imirt duit: cuirfead breis chúigeanna léi. Bí ag meascadh na leitean is ag cur a thuilleadh mine uirthi, is reamhróchaidh sí: righneóchaidh is dlúthóchaidh. "...do reamhruigh sioc lé géir-lic, is gan fasc ar aon taoibh etc.": do dhlúthuigh ar a chéile.

reanga: *f.4.* maircréal, ronnach. Tá siubhal reanga fé, ní choimeádfadh Éire suas leis: imtheacht luath tapaidh, mear.

reanga: *f.4.* duine, ainmhidhe nó aon rud fada, caol, árd. Reanga capaill go bhfuil faid is aoirde an lae ambáirigh ann: caol, lom, árd. Fasan uaim! a reanga, ná bí ag dul thar a chéile sa tslighe orm: duine caol, árd, neamh-anamamhail. Reanga carraige idir me is an talamh istigh ná féadfainn do chur díom lé n-a ghéire is an t-ualach a bhí thiar orm: carraig árd, fhada, mhéiscreach. Toisc an uisce go léir a bheith sa phortach fágtar reanga gan baint chun é do chosc ar ghluaiseacht isteach: smut, fód nó dhó ar leithead idir fear an isleáin is an t-uisce. An reanga diabhail sin ag imtheacht ó pholl go poll gan lá oibre ina ghéagaibh, go gcuirfeadh sé fearg ar naomh: leadaidhe leisceamhail. Na reangaidhe atá ina chneas le haois is cruaidh-obair: riastaidhe. Reanga con ná fuil ceól ná lúth innte: cú chaol, lom.

reangach: *a.* caol, lom-chruaidh, riastach, féithleógach. Géaga reangacha nách féidir gan acfuinn is fulaing do bheith ionta: ruic láidre. An muineál reangach atá air, gach féithleóg ann chómh láidir lém mhéir nách mór: righin-fhéithleógach.

reangaire: *f.4.* duine nó ainmhidhe lom, seirgthe, (árd) fada; ceolán, fear achrainn. B'fhearr liom bheith míle míle, féach, ón reangaire sin ná bheith ina threó, mar ná bíonn sásamh ná eile air gan bheith ag déanamh toirmisc: duine suaidhte. Reangaire girrfhiaidh ná fuil spiota ar aon chnámh leis: ceann lom, fad-chnámhach. Déanamh an reangaire atá air ní fhéadfadh sé aon neart do bheith ann: caol, éadtrom, lom. Reangairidhe beithideach gur dhóigh leat gurb í an ghorta ghaibh chúcha: ainmhidhthe seirgthe.

reangaireacht: *b.3.* seangacht, seirgtheacht, luime, tanaidheacht; achrann, scraistidheacht. Lé reangaireacht a chaitheann san a shaoghal, is ní ag tabhairt aire dá chúram: imtheacht thall 'sabhfus go fuar faillightheach. B'éigean dom an tairsing do

thabhairt dá raibh istigh bhí an oiread san reangaireachta aca, ní chloisfeá duine ag poll do chluaise lé gleódh: glór, dul trí chéile, geóin is ranngás.

reangartach: (**reanglach**) *f.1.* duine nó ainmhidhe lom, tairngthe, (focal táire). An reangartach níor ith sé a dhóthain riamh: duine nó ainmhidhe go mbeadh cuma an ocrais air. Reangartach bó a íosfadh féar baile is ná raibh oiread is an snioga aice: bó chnámhach, cómh lom léd bhais. Níl aon easbaidh beithidheach air, ach ná fuil ionta ach reangartaigh: rudaidhe loma, tairngthe.

reanglamán: *f.1.* duine neamh-thochraiste, scaguighthe, aindeis. Níl aon chrích air chun aonnidh do dhéanamh, níl ann ach reanglamán duine: mar bheadh ag dul thar n-a chéile, gan anam, gan fuinneamh. Níl ach a rádh go bhfuil sé ina reanglamán isteach 'samach: breóidhteachán. Choidhche ní dhéanfaidh díot ach reanglamán, an chuma liobarnach a bheireann tú ar go haonnidh: aindeiseóir.

reascaire: *f.4.* cabaire, cadarálaidhe, duine luath-bhéalach, cainnteach. Cabaire chómh toghtha is gheóbhfá é sin níl aon ghreim ina theangain: a bheadh ag cainnt 'sag cainnt nách mór go tarcuisneamhail. Reascaire ná corróchadh lámh ná cos leis ach bheith ag cur as: ritheadh seama fé ar gach cor. Bhodharfadh an reascaire sin thu is ná faghfá brigh ná éifeacht lé focal den gcainnt uaidh: ceólán.

reascaireacht: *b.3.* brasaireacht, cadaráil, clabaireacht. Sé a bhfuil de mhaith ionat a bhfuil de reascaireacht agat, cainnt, cainnt agus cainnt: do bhéal ar síor-leathadh agat ag cur asat féin. An leanbh ag reascaireacht leis do féin gan éinne ag cur chuige ná uaidh: ag gliogairnéis leis féin. An bheirt aca ag reascaireacht lé chéile is gan faic dhá dhéanamh aca: ag cadaráil, cainnt gan éifeacht.

reast: *f.3.* sos nó aitreamh ar ghníomh nó gluaiseacht; suaimhneas ó athtuirse nó obair. Cloch an reasta (in aice Chlocháin Cinn Cait) mar a sosadh coisidhthe ar an mbóthar go Daingean. Dein do reast: leig do scíth. Glac uain reasta: am chun scurtha d'obair nó d'aonnidh go leanfadh duadh é.

réasún: *f.1.* feart machtnaimh go soiléir, cómhacht aigne breithe do thabhairt; an intinn fhoirbhthe, fholláin; ciallmhaireacht; fáth, cúis, meónaidheacht in aon rud; ceart-mheabhair. D'imthigh a réasún is cuireadh go tigh na ngealt é: a mheabhair: bhí sé ar shlighe ná raibh fuaimeant lé n-a ghníomh ná a chainnt. Bíodh réasún leat nuair labhrair, is ná bí ar nós amadáin: ciall léd ghlór: labhair mar dhéanfadh duine a bheadh ábalta ar mhachtnamh is dhéanamh go ciallmhar. Duine gan aon réasún an té a chuirfeas daoine ina choinnibh gan chúis gan adhbhar: gan chiall: gan éifeacht nádúrtha. Caillfead mo réasún má bítear ag síor-ghiobadh orm: raghad ar buile: imtheóchaidh mo chiall shaoghalta uaim. "Acht naomhuighidh an Tighearna Dia in bhur gcroidhthibh agus bídh ullamh de ghnáth lé freagar do thabhairt uaibh do gach éinneach a shíreas oraibh réasúin na muinghine atá agaibh, maille lé ceannsacht is le faitchíos" (1. Peadar III. 15): bun-fáthanna. Dá n-éistigheadh sé lé réasún chidhfí dho go raibh sé bun os cionn: meabhair chinn: cómhairle chiallmhar. Ní bhaineann sé lé réasún súil a bheith aca go gcóthóchainn iad is gan aon bhuannacht ó Dhia aca orm: ní ghabhann sé lé ciall ná tuigsint. Is agam atá

na céadta réasún labhairt go dána: fáthanna léire. Lé réasún ar bith go dtabharfá suas: gábhadh nó fáth léir: fáth éifeachtamhail, géibheannach. Cad is réasún lé teacht is imtheacht na taoide, tuiteam an drúchta, an stoirm, an tóirneach, etc.?: bun-chúis. Bíodh réasún anois leat is ná hól an iomad: meónaidheacht. Bíonn a réasún féin lé gach rud ar an dtalamh so: tá fáth nó ciall éigin leis gach aon rud is eól dúinn do bheith ann. Mara dtugais ar na brógaibh maithe sin ach a cúig déag do fuairis ar réasún úd: ar luach cosamhail. An oiread san broide indiu orm, d'iarraidh teacht ar fiche gnóth ar aon uain ná fuil im réasún cheart: meabhair chinn cheart. Bíonn réasún leis gach aonnidh: meónaidheacht rogha in úrlabhra 'si ngníomh. Ní fheadar cad é an réasún a bheadh aige lé m'ainm-se do luadh: fáth: ciall. Aon réasún riamh níl agat chun é do sheirbheáil: adhbhar ná cúis.

réasúnacht: *b.3.* aiste réasúin nó éifeacht do bheith lé rud. Mara mbeadh an réasúnacht do bheith leis an bhfear raghadh sé chun ciotarúntacht leó ar an dteallaireacht do thguadar do: ciallmhaireacht. Caith réasúnacht lé gach rud sara néir gníomh: an éifeacht a leanas machtnamh léir.

réasúnaidhe: *f.4.* duine a mhachtnuigheas go géar doimhin roim thabhairt fé rud do rádh nó do dhéanamh; a thugas breith dréir tuigseana do chaitheamh lé nidh. Siúd é an réasúnaidhe gur bhreágh leat bheith ag éisteacht leis ag áiteamh, a léirigheas a phoinnte is a ghnidheas dá réir. Dá mbudh réasúnaidhe thu d'éisteóchainn leat acht ó nach eadh ach giobaire: duine a fhoillseóchadh go machtnuigheann go fuaimeantamhail sara néann beart.

réasúnaidheacht: *b.3.* an deimhniughadh a thugas duine uaidh a mhachtnuigheas go doimhin, géar; áis fearta an réasúin; machtnamh cóimhleanamhnach. A gharsúin, tá réasúnaidheacht istigh id cheann, is maith atá an fáth leis an gcogadh so curtha as tóin a chéile agat: neart machtnaimh is bailighthe céille. An réasúnaidheacht go léir a theasbáin sé ar an gciallmhaireacht atá leis an dtír seo gan bheith rann-pháirteach sa chogadh: na fáthanna agus an bun a bhí leó go léir.

réasúnta: *a. n-dh.* measardha, cosamhail, ciallmhar, stuamdha. Duine réasúnta, is furaist teacht uaidh ar chúis a bheith féin aige ort: fear a chaitheann ciall agus meabhair lé gach rud roim beart. Chun na fírinne d'innsint labhrais réasúnta go maith, budh dheacair locht d'fhagháil ort: comhthrom. Budh dheacair gearán, fuaireas luach réasúnta: cuibheasach maith, gan bheith ró-árd nó ró-íseal. Brathaim réasúnta anois: go cuibheasach maith. Bí réasúnta anois agus éist lé n-a bhfuil lé rádh agam-sa sara ndéinir aon rud: bí féicheamhanta de chómhairle leasa. Dheinis imirt réasúnta d'fhear ná fuil taithighe puinn aige: nár inghearánta. Dá mbeadh sé chómh neamh-réasúnta tímcheall na dighe is bhíonn duaoine eile dob fhada ó bhaile a scaipfeadh a cháil: neamh-fhuaimeantamhail. Caithfir bheith réasúnta agus géilleadh beagán: meabhair chinn do bheith agat agus breitheamhantas fuaimeantamhail. Dá mbeadh an fharraige réasúnta níor bh'aon nath liom dul tamall ó bhaile uirthi ach tá sé árd-chonntabharach: cuibheas ciúin. Sin téad atá réasúnta láidir, tabharfaidh sí seasamh maith uaithe: go mbeadh muinghin as a neart agat. "Ar an adhbhar san sirim d'athchuinghe oraibh, a dhearbhráithreacha, trí thrócaire Dé bhur gcuirp do thabhairt ina mbeó-íodhbairt naomhtha, gheanamhail do Dhia, bhur

seirbhís réasúnta" (Romhánach XII. 1): dual: mar is cóir. Ní raibh ach braon réasúnta caithte aige: d'aithneófá rian na dighe air ach ní mór farais sin. Gníomh réasúnta dob eadh é an tigh do chur ar chrannaibh, ó's rud é ná rabhadar ag réidhteach is gur cómh-bhuannacht do bhí aca air: ciallmhar, fuaimeantamhail.

réasúntacht: *b.3.* cosamhlacht, cuibheasacht, meónaidheacht, ciallmhaireacht. Bhí réasúntacht éigin leat-sa má bhí grogaidhe féin ionat seachas é seo a bhí ag tuiteam 'sag éirghe: ciallmhaireacht: meónaidheacht. Ná hith an iomad, réasúntacht tá a fhios agat: cosamhlacht. Ní furaiste rogha do dhul ó réasúntacht is cuma cad é: gan dul ró-dhian ar aonnidh. Choidhche an mbeidh aon réasúntacht leat?: fuaimeant.

reath: *f.3.* an fonn nó an dúil cumaisce ag caora nó gabhar; láth. Caora ná tháinig fé reath: ná tháinig fonn chun reatha uirthi. D'imthígh sí ó reath sara dtáinig an reatha: an dúil cumaisce lé reatha a bhí aice chaill sí í. An dóigh leat gur fé reath ar fad atáim agat go bhfuil orm tobac do thabhairt duit pé uair is maith leat: féicheamhanta chun tabhartha. Aimsir an reatha ag druideam linn: cumaisc chaorach, ghabhar.

reatha: *f.4.* fireannach na caorach gan coilleadh. É ag an uair sin is é ina reatha tímcheall ban: éileamh mór aige ortha. Níor mheasa dhuit pléasc ó reatha ná buille dhorn uaidh: pleannc láidir í.

reathach: *a.* siubhaltach, sreathach, tugtha do rás nó do rúis. Monabar na sreabh reathach lém chluais san oidhche: mear-ghluaiste. Caithfear cuibhreach do chur fút-sa, táir ró-reathach: tugtha do bheith ag imtheacht tímcheall ó áit go háit. Ní fhéadfadh sé gan bheith glan, ionólta mar uisce reathach seadh é: uisce a ghluaiseas go mear. Iasc ró-reathach is deacair teacht suas leis: tugtha do bheith ag gluaiseacht ó bhannc go bannc.

reathaidhe: *f.4.* duine a ritheas, a bhíos ag rith i rás, teachtaire, sreathaidhe. Reathaidhe maith seadh é i dteannta bheith ina rothaidhe: duine go bhfuil rith maith aige. Bíonn sé ina reathaidhe idir seo agus Corcaigh d'éinne gur mhian leis dul ar ghnóth géibhinneach: teachtaire. Sin mar chaitheann sé a aimsir fuar díomhaoin ina reathaidhe ó rás go báire nó in aon áit go siamsa nó comórtas: geócach, siubhlaidhe.

reathaidheacht: *b.3.* rith thall 'sabhfus; gluaiseacht thart ist oidhche, cumaisc caorach is reatha. Caora lom sheirghthe é (an reatha) tar éis reathaidheachta an tsaosúra: cumaisc. Ag baile ná tímcheall air is annamh lé fagháil ist oidhche é ach ag reathaidheacht tímcheall na seacht bparróistidheacha: ag sreathaidheacht: ag imtheacht ag faoibín gan áird ar chúram ar bith. An sruthán ag reathaidheacht lé fánaidh an chnuic: ag gluaiseacht go mear.

reathaim: *b.a.* cumaiscim, cliathaim. Níor reathadh gabhar ná caora leis mar tugadh mallacht an mhío-ratha air .i. ní raibh laogh, uan, mionnán ná eile ar a chuid éadála.

reathaire: *f.4.* geócach; duine ná leigeann moill air féin in aon áit, rásaidhe. Tuile san abhainn indiu, is is í an reathaire tréan í, ag scuabadh is ag scéitheachtaint de dhruim a port: siubhlaidhe nimhe. An tsruth mhara an reathaire ná téigheann i ndísc: a bhíos ag

síor-sior-ghluaiseacht. Ná fiafruigh díom cá mbíonn an reathaire sin, ní fheicim ó thuiteam oidhche é go gealadh an lae: sreathaidhe oidhche: fánaidhe: bothánaidhe díomhaoin, faillightheach.

reathaireacht: *b.3.* ag rith tímcheall, bothántaidheacht, faoibínteacht. Aon tinneas ní chuireann an saoghal air sin, is é a gheaindí bheith ag reathaireacht ó áit go chéile: ag gabháil tímcheall mar is áil leis. Ag reathaireacht ó cheann ceann an pharróiste: bothántaidheacht. Cuirfead-sa ceangal fút-sa mar asal, a chuirfidh ó reathaireacht ar bhóithribh thu: fánaidheacht: ag imtheacht lé n-a phoc.

reathaláil: *b.3.* geócaireacht, gleódhtháil, cadaráil, glagaireacht. Reathaláil gan díoghbháil a bhíonn ar siubhal aige, ná tabhair aon áird ar aonnidh a déarfadh id choinnibh: ritheadh seama gan urchóid. Cuirfead corc ionat! mara n-éistir ded chuid reathalála, táim bodhar agat, is gan bun ná deallramh leat: síor-ghliogairnéis. Níl aon dul ar an reathaláil a bhíonn aige sin do chosc ach oiread is tá ar an sruth: glagaireacht gan sos.

reathalálaidhe: *f.4.* geócaire, cadarálaidhe, brasaire, gleódhthálaidhe; glagaire. Is é reathalálaidhe is mó ar dhuirm na talmhan é, níl rud fén spéir ná go ngaibheann trí n-a mhuileann: duine a chuireann é féin gach aon rud trí chéile gan éisteacht lé héinne eile: glagaire. Dá mbeadh an aithne cheart agat air ní thógfá faic ar an reathalálaidhe sin, ná meádhann focal as a bhéal: gleódhthálaidhe gan éifeacht. Reathalálaidhthe ban, fuar, díomhaoin, bailighthe i dteannta a chéile i gcuibhreann caifí ag cíoradh a lucht aitheantais: cadarálaidhthe. Goin focail ní bhfaghfá ameasc na reathalálaidhthe: oiread is cao ar aon fhocal amháin do labhairt ina gcómhrádh.

reathar: *f.1.* fuadar fiadhain, ruathar, tuile. Maoidheann taobh aca go bhfuil an taobh eile ina reathar ag teicheadh lé n-a anam uatha: ina ruathar is scannradh ortha. Ó Áth Cliath go Corcaigh, ó Chorcaigh go Luimneach, is mar sin leis i reathar, ag ól, ag imirt 'sag reic: ruathar fiadhain gan sos gan staonadh. Reathar báistighe is feille-shneachtaidh: raistidhe troma lé gaoith lán-láidir.

ré-choinneal: *b.2.* solas gluardha. Faid do mhair sé ré-choinneal don gceanntar dob eadh é, bhíodh gach éinne ag brath ar a chómhairle: treóraidhe eólais.

reibiliúntaidheacht: *b.3.* gadaidheacht, sladaidheacht; fuadach, luighe trom; lot "sceanach"; camasghail. Budh mhór an reibiliúntaidheacht a deineadh ar bhochtaibh an cheanntair a gcuid airgid do bhailiughadh uatha gan fagháil ná tásc ar phingin riamh ó shoin de: scrios: camasghail urchóideach. D'ao'ghnóth glan do cuireadh na dubh-chrónaigh go hÉirinn chun reibiliúntaidheachta do dhéanamh ar na daoinibh: marbhadh, sladaidheacht is fuadach. Anois an t-am, lé linn an chogaidh, ag ceannaidhthibh reibiliúntaidheacht do dhéanamh ar na bochtánaibh maidir lé luach a n-earraidhe: airgead d'fháscadh go cam asta. Ná bí ag cainnt, a dhuine, do bhí reibiliúntaidheacht déanta ar an mbannc ag an gcléireach sara bhfuairtheas amach é, na céadta cúblálta chuige aige: scrios ceart. Reibiliúntaidheacht in aghaidh na ndaoine is na dúthaighe an t-airgead do bailigheadh dóibh do chúbláil ag lucht a chruinnighthe: camasghail is dochar aithiseach.

Ag gabháil den reibiliúntaidheacht atá sé riamh ag fagháil buntáiste chun a mhaitheasa féin: ag dul le camasghail dhíoghbhálach ar gach cao: cealgaireacht.

reic: *f.3.* gaineáil, do dhíol, do chaitheamh go rabairneach, do mhilleadh; do chur ar ceaint; aithris eachtraidhe. "Go deo airís ní raghad go Caiseal ag díol ná ag reic mo shláinte etc.": ghá lot lé cruaidh-obair fliuch, tirim nó ghá tairsgint don té is mó thabharfadh uirthi. Budh bhreágh is budh mhaith as an fear é dá mbeadh sé gan a shaoghal do reic le hólachán is ragairne: do lot: do chaitheamh go haindeis. An uile lá aonaigh bíonn daoine deóranta ag reic áruistidhe saora ar an nDroichead Beag: ghá ndíol 'sag béicigh ar an sluagh a bhfeabhas is a luach. Siopa beag agam annso mar a mbím ag reic toitínidhe, tobac, gannaidhe scoile, etc.: ag gáineáil: do dhíol i geantamhail beaga. Chaith sé seachtmhain sa bhaile mhór ag reic, budh mhar a chéile leis airgead ag gabháil trí n-a ladhrachaibh nó uisce: ag caitheamh go fiadhain fuadrach. An mbuailtear isteach it aigne choidhche go bhfuilir ghod reic féin?: ná fuil dóthain beirte fhear d'obair ort gan bac lé ragairne?: ag déanamh díoghbhála dot shláinte is do bheatha. Táthar ag dúnadh an tsiopa mhóir éadaigh seo, is beidh reic ar siubhal ann an tseachtmhain seo chughainn: díolaidheacht earraidhe ar luachaibh íslighthe. Cathair mar a dtagadh ceannaidhthe anoir ón Áisia le camallaibh ualuighthe lé hearraidhibh lé reic lé daoinibh ó gach áird den domhan: do thairsgint lé díol. Beir ghá reic má dhíolair air sin é: ghá thabhairt in aisce nách mór. Tuinncéiridhe ag díol 'sag reic is ag aithreic seanchapall: díol airís.

réic: *f.* (*-ce*) rascaire, duine ráigeamhail, a bhíos ag imtheacht lé fiar damhaigh; duine fiadhain ainshrianta. Lé déidheannaighe d'imthigh sé ina réic ar fad: gan srian, gan riaghail, gan mheas air féin, gur cuma leis cad é a dheallramh ameasc na ndaoine. Ag imtheacht ina réic eatartha lé fada dho: gan aon chrích ná áird, neamhthuiseach i dtaobh a chlóidh agus a iomchair. Má bhí cuma an réice riamh ar éinne is ort atá sé, gan luid den éadach ná des na brógaibh ort: cuma aindeis, ráigeamhail. Nách iad na réiceanna iad ag fanacht amuigh go moch na maidne: lucht ragairne.

reicim: *b.a.* díolaim, gáineálaim, caithim go rabairneach, caithim gan tairbhe, aithrisim. Reic sé a raibh riamh aige lé scaoinsidhibh na sráide: chaith mar scaoilfeadh lé sruth a chuid. Reicfinn m'anam leis sara leigfinn pioc dá shróin leis: chaillfinn é: d'iodhbhróchainn. Má dhíolair an capall san ar fiche púnt reicfir é: díolfair é fé bhun a luacha. Reiceadh na mílte fear i dtógaint na cathrach: ní raibh aon taise don méid a caillfí leis. Mara mbeidh airgead ann reicfeam ár n-éadáil ar bheatha na talmhan: díolfam mar mhalairt. Reicfeadh sé a dtiocfaidh 'sa dtáinig lé n-a chroidhe mór: gheóbhadh sé trí n-a bhfaghadh greim air. Reicfead scilling nó dhó ar an gcluiche seo: raghad i dtreis iad do chailleamhaint leis.

reicthe: *a.r.* díolta, malartuighthe, scaipighthe soir siar, aithriste. M'anam reicthe! má bhuailir barra méire orm ná cuirfir a aithreachas díot an dá lá dhéag is mhairfir: dhíolfainn m'anam sara leigfinn duit dul saor uaim ar aon dith-chúis do dhéanfá orm. A raibh sa tsiopa reicthe aige: díolta ar sleap. A shaoghal reicthe anois aige air féin, ní mór gur fiú dho aon leasughadh do dhéanamh air: a dhíoghbháil déanta. Tar éis a raibh aige do bheith reicthe aige téigheann agus bádhann é féin: scaipighthe. T'anam reicthe! cad

mheasfá do dhéanamh liom? mé do ghortughadh, an eadh?: t'anam go raibh ag an ndiabhal.

réidh: *a.* glan, sleamhain, mín, neamh-achrannach, ullamh, ciúin, socair, gan cor, oireamhnach, críochnuighthe, neamh-dheacair, comhthrom, ceannsuighthe. Duine chómh réidh is bhuailfeadh leat i gCúige Mumhan seadh é, ní deacair cóstáil leis: socair, macánta. Bí réidh nó brisfir an téad, tairng socair uirthe: socair: tairng go cómhshnámhthach uirthi. An-réidh nó cloisfear thu: gluais gan puinn glóir do dhéanamh. Cuir ceist réidh chugham, ceann níos réidhe 'ná í sin, atá ró-dheacair dom: is furaiste d'fhreagairt. An tslighe réidh chun go haonnidh: an tslighe is an chuma is buige a thiocfaidh rud ar dhuine. Is cuma ina thaobh anois, tá sé réidh, ní chuirfidh sé a thuilleadh duaidh ná buadhartha ar éinne: marbh! Is fada agus is fuar an scéal ó bheith réidh, ní fheaca aon rud riamh go bhfuairtheas an oiread duaidh uaidh: an gnóth do bheith déanta leis: críoch curtha air. Dá bhfaghainn an bóthar réidh fém chois ní bheadh aon bheann agam ar an gcoisidheacht: sleamhain, mín, neamh-gharbh. Chómh luath is bheir réidh bí ag gluaiseacht: nuair bheidh gach cúram curtha i gcrích. Níl sé chómh deacair is do bhíodh sean-Ghaedhealaing d'fhoghluim, tá an bealach réidh tar éis daoine eile: mín: mórán mór constaicidhe scaipighthe aca. An uair ná tagaid liom tiocfad leó; níl aon rud is fearr ná teacht sa cheann réidh den scéal leó: an rud is fusa agus is síothcháinta do dhéanamh. Go réidh a bhean na dtrí mbó: socair: ná bíodh oiread fuadair fút. Tá cuid mhór reathalála déanta agat-sa go réidh liom-sa go fóill: aicillidheacht dom: cao ar labhairt. Táim-se réidh anois, sead-sa leat: deireadh nó mo sháith ráidhte. Fan réidh, nách diail an deabhadh atá ort: beir fada air. Gluaiseann sí go maith ar thalamh réidh ach ní chuirfeadh an diabhal féin i gcoinnibh an aoird í: slinn: gan árdán ná ísleán. Beag eagla lé cóngamh Dé is gábhadh dho éinne ar muir indiu, tá an fharraige réidh: íseal: ciúin. Bóthar réidh féd chois, ní haon duadh dhuit dul ann: íseal, sleamhain. Bídh mín, réidh annsan, ní fheadrabhair cé bheadh amuigh ag éisteacht libh: socair, ciúin. Labhair réidh liom, nílim ach tosnuighthe ar an nGaedhealaing: socair, mall. Tá sé ar a tháille anois is aigne réidh feasta aige .i. gan aon rud chun meargó do dhéanamh do. Is me atá réidh air bíodh sé ag cur as faid is maith leis: aon mhairg ní chuireann orm. Dar liom ná tiocfair chómh réidh as an gcúrsa so agus is dóigh leat: chómh bog: chómh glan. Gheóbhair mise chómh réidh lé héinne eile acht teacht sa tslighe cheart chugham: furaiste cóstáil liom: ceannsa. Réidh anois chun catha: ullamh chun aon rud do dhéanamh. An diabhal slaghdáin a tháinig fadó ambliadhna orm, creid me ná fuilim réidh fós uaidh: é curtha glán dhíom agam. Is deacair a thuigsint cad threascair é in áit atá chómh réidh lém bhais: gan aon tsaghas achrainn. Sara mbead-sa réidh leat cuimhneochair ar a bhfuil déanta agat lá is sia anonn 'ná an lá indiu: scartha leat: gan a thuilleadh baint do bheith agam leat. Do cheart den airgead agat anois agus agam-sa leis, táimid réidh lé chéile: gach aon rud socair eadrainn. Is baoghal go bhfuilimíd réidh leis an saoghal (aimsir, etc.) maith: deireadh againn leis. Réidh lé hólachán is imirt, a chloch is a órd caithte aige leo: gan aon bhaint choidhche airís. Is é ná rug réidh riamh ar an saoghal ach ina chnuig ithreach ó dhubh dubh: ná rug fada, socair air. Is réidh í a leabaidh anocht: an uaigh: ciúin: gan aon ionfairt air innte. Is minic minic me ag machtnamh céaca is réidhe den mbeirt: is tláithe is is míne iomchar. Gheóbhaidh sé bás réidh lé cóngamh: socair: gan duadh. Bídh réidh rómham: gach aon rud curtha i dtreó agaibh. Nadhbhóg réidh lé rámhaidheacht: furaiste, bog. Má tá an cnoc árd féin tá réidh fén gcois: gan túrtóga ná lagacha: a dhéanfadh ciotaighe do choisidhe. "Agus

dhiúltuigheadar umhlughadh is ní rabhadar cuimhnteach ar na hiongtaisidhibh do rinne tusa ina measc, acht do chruadhadar a muiníl agus ina gceannaire d'órduigheadar ceann (ródaidhe) chun iompuighthe ar a ndaoirsine féin; acht is Dia tusa réidh chun maitheamhnachais, grástamhail, trócaireach, mall chun feirge, lán de chineál agus níor thréig tu iad" (Neh. IX. 17): fonnmhar. "An féidir lé dias do shiubhal lé chéile muna mbíd réidh?": toilteanach. Táim-se réidh leis an margadh san má bhíonn an chuid eile: toilteanach. Ní hí gcómhnaidhe gurb é an comhgar is réidh: an tslighe is giorra is fusa. An biadh réidh ina chóir is bheadh sé ar a thoil: ullamh: cóirighthe. Táim réidh d'aonnidh anois, brathaim chómh maith san: ullamh, oireamhnach. Deir sé an uair bheidh an Rúis réidh aige go bhfaghaidh Seán Buidhe é: a ghnóth déanta ann. Nára fada ná go mbeidh an saoghal réidh leat: do chúram curtha dhíobh aca. An diabhal féin de shnaidhmeannaibh is ruaircínidhibh sa daradha tá sé réidh anois ámhthach: an t-achrann bainte as. Idir réidh is aimhréidh tá Éire siubhalta ina hórdlaidhibh beaga aige: mín is garbh. An bhfuil an leabhar réidh fós agat?: léighte nó do chúram déanta agat leis. Is réidh do thagann cainnt ar an bhfear san, budh dhóigh leat air ná raibh ag duine ach rud do lorg nuair gheóbhadh sé é: bog. Is réidh agat-sa airgead go bhfuil sé sa bhannc agat ach mise ná fuil agam ach mar thuillim: ní haon duadh agat é. Beir réidh uirthi is beidh sí muinnteartha leat: bí aireach léi. Is fada thógann sé uait bheith réidh, cad fáth an gléasadh ar fad?: gabhtha chun gluaiste.

réidh: *b.2.* aon rud nó áit slinn, mín, neamh-gharbh; áit scartuighthe, machaire, sreath sléibhe; suaimhneas, ciúnas, cao. D'imthigh an sionnach an réidh amach ar boc-shodar is gan tor madra aige orm ná ar mo chuid béiceach: árdán ucht-mhín. I mullach an chnuic tá réidh go bhfuil oiread móna ann is ná beadh caithte go ceann i bhfad: talamh slinn, comhthrom. An goimh riamh chun achrainn air, ní bhíonn uaidh ach an réidh cómhraic: cao tosnuighthe troda. Tabhair réidh (ré) aithrighe dom: eaga chun machtnaimh do dhéanamh nó aithrighe. Táimíd ar an réidh lé chéile lé fada, is fada go raibh aon earraid eadrainn: suaimhneasach lé chéile. Ó mhullach an chnuic sin faid rithfeadh do radharc ní bheadh lé feicsint agat ach réidhte: talmhaintidhe sléibhe. Fan ós na hárdánaibh, lean don réidh: talamh íseal, mín. Ar an bhfuirse a bhí fé budh dhóigh leat go ndéanfadh sé réidh de gach cnoc: go maolóchadh is go míneóchadh iad.

réidh-, réadh-: *i gcfbh.* sleamhain, mín, áiseamhail, acrach, mall, ullamh, cuibheasach, cosamhail. Talamh réidh-árd chun treabhtha seadh é, níor mhór duit capaill mhaithe: cuibheasach. Ar an méid paidreóireachta a dhéinir beir réidh-árd go maith ar neamh: ionad uachtarach. An lámh so ag gabháil díom an uile lá, ní hé ná go bhfaghann sí réidh-aire uaim: aire chosamhail a dóthain. "Connus tá aige in ao'chor?" – "tá sé ar réidh-aiste ó fuair sé táille na sean": ar stáid mhaith go leór. Is réidh-atuighthe leis an ndochtúir atá mo ghlúin chun me do bheith ag siubhal léi: breis atá innte. Cá bhfuil do chúis gearáin i dtaobh tighe, ná fuil réidh-árus maith agat-sa annsúd ar bhruach na mara?: ceann maith a dhóthain do dhuine. Daoine gur dóigh leó ná fuil i gCill Áirne ach áit réidh-áluinn i gcomórtas le Corca Dhuibhne: cuibheasach áluinn. Nuair fuaireas réidh-amus ar an rón is b'fhada é, do thugas fé go docht: cao nár ghearánta uirthi. D'éirigh réidh-áiteamh ina measc mar gheall ar an gcogadh, is budh dheacair rogha do bhaint asta: áiteamh cuibheasach láidir. Maidean réidh-bhreágh ann as dob eadh í: ná raibh olc is ná raibh mín amach 'samach. An réidh-bhuille do thug seisean dom i bpoll na cluaise gur thóg os

chionn talmhan me: stiall scuabach. Ná bíodh aon dochma ort teacht ar snámh tá an t-uisce réidh-bhog: bog a dhóthain go dtaithneóchadh sé lé duine. Ó cuireadh gnáiste ortha is gur liathradh iad, réidh-bhóithre chun taistil iad, ach roime sin budh scannail iad: bealaigh chuibheasach maith. Cé déarfadh ar a réidh-bhuige a bhí sé linn i dtosach go dtiocfadh sionnach air: bog, breágh ina ráidhtibh. Táim ag éileamh cabhartha ort mar tá réidh-bhuannacht agam ar do mhuinntearthas, ní fada ón easna agat me: buannacht áirighthe. Réidh-chnoc: cnoc nách deacair do thaisteal. "Réidh-chnoc Mná Duibhe" (amhrán): cnoc taithneamhach lé hamharc air. Ainmhidhe réidh-chosach an fiadh: córach, déanta dréir a chéile. An réidh-chúis is an bóiléagar is bun leis na rudaidhibh seo d'fhágaint mar a dtógfadh éinne iad gur mheón leis é: neamh-thuis: ceal suime. Luighfeadh an fear san in aon chuideachtain dá shaidhbhre é, mar is duine réidh-chúiseach é, gan éirghe anáirde: so-aigeanta. Budh dhóigh lé cuid mhaith ar a réidh-chúisighe ná beadh aon inchinn sa phlaosc san air: a shonaoidighe is a neamh-spéiseamhla a bhíonn sé. Culaith réidh-chaithte a cheannuigheas sa "chairt" (an reice) ach b'fhiú an t-airgead í: ná raibh ró-ath-chaithte ar fad. Thugas-sa leis fé ndeara ar mh'anam, an chos réidh-cham atá aige: as thuiteam nó gortughadh is dócha go bhfuil cor ina faid go léir. Is ar an áit a bhí an tslacht is an deallramh tighe, dá bhfeictheá na réidh-chathaoireacha i ngach seómra ann gur bhreágh leat suidhe ionta: socair, seascair. Is amhlaidh mar atá an scéal aige, ar an slighe a bhí sé ag labhairt 'sag déanamh go rabhas ró-réidh-cheannsa leis nár chaith amach ar bhior a chinn é: ró-fhoidhneach ar fad. Ceisteanna réidh-chruaidhe dob eadh iad ar an gcuma cliste ina rabhadar scríobhtha: deacair go maith. Má tá éinne amháin réidh-dhánta (réaganta) ar an saoghal so is é é, réidh-chúiseach ar gach cuma go maidean: breágh, bog, socair, sochma leis go haonnidh. Táir ag tógaint an scrúduighthe seo ró-réidh-dhánta ar fad, b'fhearr dhuit ullamhughadh ina chóir: ró-bhog: neamh-thuiseach faillightheach. Cuireann sé go haon lá sa chipín go réidh-dhánta: gan aon duadh ná buaidhreamh d'fhagháil do. Bhain cathanna na seachtmhaine seo réidh-dhúiseacht asta ón dá thaobh: múscladh ó thalamh iad. Bóthar réidh-dhíreach atá as san siar ós na sléibhtibh: gan achrann ná árd: mín. Pé áit ina ngeóbhair ní náire dhuit do cheann gruaige is air atá na réidh-dhlaoithe: scaoilte, muirearach. Creid mise leis gur gaoth réidh-dhocht í seo chun rothaidheachta ina coinnibh: dúr go leór. Bhíos ag réidh-dhruideam leis ar eagla go ndúiseóchainn é sara mbeadh greim agam air: go haicillidhe, ciúin, aireach. Mara mbeadh an réidh-eitim do fuairis air siúd nuair ná raibh sé ar a aire féin is fada buidhe go dtreascrófá é: cao cheart. Cé chreidfeadh bliadhanta ó shoin go mbeadh áthraighe móra ag réidh-eiteall ós ár gcionn ó thír tír: ag seóladh gan duadh. Ná bí ag gearán anois ar an ualach atá ort, d'iomcharóchadh leanbh é, tá sé chómh réidh-éadtrom san: truimeacht ann ná goillfeadh. "An bhfuil éileamh aice ort?" – "sin é an réidh-éileamh, is baoghalach": í bog orm. Ní mór an réidh-easnamh bídh a bheadh ar an rud ocrach so nuair bheadh sé scannruighthe go raibh ocras fachta aige: ceal cuibheasach. Ó mhullach an mháma beidh réidh-fhánaidh leat síos isteach ar an sráid: tuiteam breágh, socair leis an mbóthar. Bhronn sé gort réidh-fhairsing orainn chun imeartha: mór, mín, maith. Tighthe réidh-fhallaidhe atá sa tsráid ó bhun barra budh dhóigh leat gur bh'aon tógáil amháin iad: go bhfuil an déanamh sleamhain mín céadna ortha uile. Thug sí réidh-fhéachaint orm a thaithnigh liom: amharc socair a chuirfeadh in iúil go raibh taise ann. Dán ceólmhar réidh-fighte: go bhfuil rith mín, chomhshnámhthach fé. Cainnteóir réidh-fhoclach nách ró-dheacair a bhrigh d'fhagháil: a chuireas cainnt de go socair, follusach. D'fhear ná raibh riamh thar scoil

“náisiúnta” beir leat go bhfuil réidh-fhoghlaim air: léigheann maith dréir a cháilidheachta. Do bheadh réidh-fhonn orm dul ann dá bhfaghainn cuideachta shuairc: fonn go leór dá bhfaghadh sé an cóngamh ceart. Bhí réidh-fhuadar oibre fé: ann as. Tá réidh-ghábhadh agat lé biadh anois is a fhaid ó ithis aonnidh: an oiread san is go bhfuil an goile go maith ann. Táim réidh-ghabhtha ag an slaghdán so: greim ar m’ucht aige. Duine réidh-ghalánta é sin nách beag aige é féin .i. a bhíos ag dúmas galántachta i ngabháil, iomchar, cainnt etc. Sin bean a thaithneóchadh lé héinne ar an aghaidh réidh-ghlan atá aice: cuma na síbhialtachta is an réidhtigh. Aistear gabháil an bóthar san, lean an casán so, réidh-ghiorra seadh é: cómhgar mín, socair. Éadach réidh-ghlas: bog, mín, glas. Réidh-ghleannta suas isteach ameasc na gcnoc úd mar a mbíonn na tréada caorach ag inbhear: go bhfuil talamh mín-uachtair ionta. Ghluaiseamair go líomhtha lé boladh réidh-ghaoithe aniar: gaoth chómhshnámhthach, teann a dóthain. Bí ag cur díot anois, tá an oidhche réidh-gheal a dóthain d’éinne go bhfuil fonn tighe is áite air: oiread gealais ann is go bhfuil sí chun eólais. Rug sí ar a láimh ina réidh-ghlaic: crobh mín, taithneamhach. Admhuighim go raibh réidh-ghluaiseacht fúinn ach an raibh thar cheart? sin í an cheist: siubhal mear a dhóthain. Ní fhéadfadh neach eile ach fear réidh-ghustalach an oiread tighthe do thógaint agus do dhein sé: os cionn a chumais go maith. Thugas réidh-iarracht ar theacht ar barra, ach sin a raibh ann, mar ná raibh an neart ionam, is theip orm: ná raibh ró-an-tréan. Bíonn réidh-iarrachtaidhe éisc lé seachtmhain aca: breis agus mar bhíodh. Nuair chuala an fhuarmáil ghaoithe a bhí ann tháinig réidh-imshníomh orm ina dtaobh so a bhí ar an bhfarraige: faitchíos a bhí ag fás. Connus bheadh an scéal ar fad agam, go saoraidh Dia sinn, nuair nár deineadh ach réidh-innsint dom air: ná raibh iomlán. Ní dhéanfadh éinne eile beó ach duine réidh-intinneach breith chómh bog ar mar chúrsa diamhair: faid-theadhalach (faiteadhlach): lán de fhuaimeant is de stuaim. Ní haon réidh-iomard é seo orm ach rud a leanfaidh me an dá lá dhéag is faid mhairfead: máchail shuarach. Baile réidh-íseal ná fuil iomardamhail lé saothrughadh: gan árdán ná achrann. Bí réidh-labharthach, ná tagadh aon líonrith ná lasántacht ort: socair, mín. Dá thoirt is dá aois tá sé réidh-láidir: níos mó nirt ann ná mar mheasfá dho. Réidh-lámh chártaidhe agat d’imreochadh éinne iad: dréir a chéile: gan puinn léighimh ortha. Grianach teineadh go raibh réidh-lasair ag éirghe aiste: lasair gan locht. Budh mhaith an bhean tighe í níor iompuigh sí bacach ná fánaidhe riamh ó n-a doras ach réidh-leabaidh do dhéanamh i gcóir na hoidhche: leabaidh bhreise do chóiriughadh. Réadh-leabhar lé léigheamh é: iontsuime. Téigheann sé dhíom, ní réidh-leabhar é: deacair. Faillteacha árda, réidh-leaca mar chuimleófá do bhas díobh!: cloch aghaidh-mhín ionta. Ó, mhaise, is aige atá an réidh-leadhb chun muinntearthais dhuine do dhéanamh: leadhb bhreágh, phlámásach. Fuair na treóntaidhthe (tionóntaidhthe) réidh-leagadh sa chíos: ísliughadh comhthromamhail. Is maith atá réidh-leagan ar an dTáin ag teastáil uaim: cóiriúghadh i nGaedhealaing na haimsire seo, a bheadh iontuighthe. “Ná brostófá i ndiaidh do mhná” – “dhe, bead ghá réidh-leanamhaint”: ag teacht ar a triall ar mo shuaimhneas. Thug sé réidh-léim fén ndoras nuair bhrath sé an tóir, agus thug na cosa leis: léim mhaith, lúthmhar. Dathad cúis air, dathad réidh-leath-scéal aige: aithris bhog, phlámásach chun a shaortha ó mhilleán. Ní raibh an oiread san ar fad as an soitheach bhí sé réidh-líonta: breis mhór agus a leath ann. Is me im rud bheag, óg, dob aoibhinn liom bheith ag amhrac ar luingeas ag réidh-luascadh ar a n-ancairidhibh sa chuan: go fada, righin, socair. Fear réidh-mhacánta ná cuireann cruisteach ar éinne é sin: mín, neamh-achrannach. Is mar a chéile dhom é do thástáil airís nó leigeant do féinig, tá réidh-mhachtnamh déanta cheana

agam air gan brigh ná ciall do bhaint as: dóthain éinne de mhachtnamh. Réidh-mhall go maith atá sé ag teacht ón dtaom úd: níos maille ’ná mar thaithneóchaidh lé duine. Bainfidh sé réidh-mhaireachtaint as dá bhoichte de thalamh é: ná beidh inghearánta. Aon droich-iontaoibh ní bheadh agam as-san tá réidh-mheabhair aige chun féachaint roimis is ina dhiaidh: deagh-mheabhrach a dhóthain chun an ghnótha. Creid mise leis ná fuil ach réidh-mheas ag fo-dhuine annso is annsúd air: meas nách ionmhaoidhteach. I dteannta é bheith faid-mhuineálach tá sé réidh-mhuineálach: an croiceann go sleamhain, mín. Tugaim fé ndeara sibh thall annsan réidh-mhuinnteartha lé chéile: mór go maith. Tugadh réidh-mhúineadh air ach gan an ceann atá air do bheith air is aindeis do dhéanfadh sé: teagasc neamh-chruinn, neambeacht. Ghluaisfinn leat thar réidh-mhuir go fuineadh gréine siar: farraige mhín, chiúin. Lastuaidh dem thigh tá réidh-mhullóg a ghníos fothain sa gheimhreadh dom: ná fuil garbh. An aimsir seo tá sé réidh-mhustarach toisc a fheabhas d’éirigh leis: beagán níos mustaraighe ’ná mar budh cheart do. Tháinig réidh-náire orm bheith in aon chuideachtain lé duine chómh gabhtha is gan orm ach branngloididhe: bhrathas umhlacht mhór ina fhochair. Shaoileas gur bhean réidh-nádúrtha í ná raibh sí leath chómh dian ná gortach san: cuibheasach fial. I ganfhios d’éinne tá réidh-neart ina chodladh annsan: maith go leór. Duine réidh-nósach ar ár gcuma féin, seadh, gur cuma leis cá gcuirfí chun bídh é: gan aon éirghe anáirde. Tugtar réidh-obair do so, níl a chnámha cruaidhte fós: éadtrom. Tángthas réidh-obann orm cé go raibh súil agam leis, am éigin: cuibheasach. Fuair sé réidh-oileamhaint ar an scoil sin dá fhaid siar í: teagasc is múineadh ná raibh easbhaidh air. Cad dheinis air go bhfuil réidh-olc air chughat: crosta, goirgeach. “Réidh-osnaidhe dhá bhaint as dhaoinibh ag an imirt seo”: osnaidhe fada, troma [carbhall lé duine go mbeadh cártaidhe ró-mhaith dho istigh leis]. Dhera, mhuise, talamh bocht seadh a fhurmhór, ná tugann ach réidh-phrátaidhe: ná bíonn ach cuibheasach le méid. Is furaiste iascach ar an abhainn úd, tá réidh-phuirt uirthi: mín, soi-shiubhalta. An dóigh leat ná go bhfuil ár nduine réidh-phéacach fén hata maigeamhail sin air: ádhbhar maith measa aige air féin. Déineann sé réidh-phinginidhe annso is annsúd ar chor-scar airgead cuibheasach bog: fo-phingnidhe. An réidh-phíp mhuiníl atá aige go bhfuil faid an lae ambáirigh innte: píopán fada, sleamhain. Bóthar an-gharbh, an-aindeis in áiteannaibh é is cuireadh réidh-pholl im ghluaisteán: ceann annso is annsúd. Clár réidh-phollta, tá sé i bhfad ar an bhfarraige: cuid mhaith aca ann. Bóthar (bealach) réidh-rianta fé n-a chois. D’fhonn na síothchána is ó nách féidir linn aontughadh is fearr dhúinn bheith réidh-pháirteach: scaramhaint lé chéile. Lampa maith é sin a thugann réidh-sholas breágh uaidh: socair, mar an gcéadna i gcómhnaidhe. An réidh-shlighe chun gach ruda an tslighe is fearr agus is macánta: ciúin, neamh-achrannach. Ní bheam sásta leis an réidh-shaoirse atá fachta againn gan í d’fhagháil go hiomlán: ádhbhar saoirse. Ar an bhfírinne is córa an rath do bheith, tá réidh-shaoghal maith ina measc agam: saoghal cuibheasach maith: gan puinn ceal. Ar an méid a bhí id choinnibh ní fhéadfadh éinne a rádh ná go ndeárnais réidh-sheasamh leo, is iad do throid chómh maith agus dheinis: seasamh an-mhaith. Thugas réidh-scathamh ina measc budh cheart gurbh eól dom cad é an saghas iad: tamall cuibheasach fada. Nuair ná bíodh aon rud eile lé déanamh againn na geamh-oidhcheanta fada chaithimis seal ag réidh-scéalaidheacht: ag innsint dá chéile go binn. Dhein sé réidh-shéanadh ar ar cuireadh ina leith: gan aon agó do chur ann. Réidh-shnaidhmeanna a bhí curtha ar an dtéid ní raibh sé deacair í do scaoileadh: rudaidhe ná raibh crosta. Ag déanamh anuas ar an bhfarraige tá an abha ina réidh-shruth: gluaiseann sí go mall. Baineadh réidh-stracadh nó dhó as an mbád sarar thugamair fé ndeara amhailt

mhór in ár líontaibh: stathadh maith, láidir. Táim réidh-shuaidhte tar éis na hoidhche, ó bheith suas is ag ragarnáil: cortha go maith. Chuirfeadh sé réidh-thuirse ar dhuine chómh maith lé haonnidh eile bheith ag giotáil tímcheall an tighe: tuirse ann as. Leis an mbacaighe seo orm níl aon mhaith ionam ach ar réidh-thalamh: talamh mín gan árdán ná ísleán. Bhí réidh-thuairm agam go dtiocfá pé rud a bhuail im aigne é: saghas tuairme. Nílim ró-dheimhnightheach de cad a thárlaidh mar ná fuaireas ach réidh-thuairisc: ná raibh ró-chruinn. Geallaim nách mór do a fheabhas, ní bhíonn sé ach réidh-umhal: ní mó 'ná umhal. Dá bhoichte é tá réidh-uaisleacht ag baint leis: d'aithneófá air go bhfuil braon ann.

réidhe: *b.4.* (**réidheacht**) míne, sleamhaine, fusacht, ciúine, féile, féicheamhantacht. Ar a réidhe a bhí na ceisteanna, droch-dhuine ná freagróchadh a bhfurmhór ach go háirighthe: fusacht. Lé réidhe an fhir is furaiste teacht uaidh: fusacht cóstáil. Tógfad ina réidhe feasta an saoghal: breágh, bog, gan puinn duaidh do chur orm féin. Ag brath ar do réidhe-sa chun dighe do ghlaodhach atá siad: ullmhacht: féicheamhantacht: ceal dochma. Tugtar réidhe don mbosca san nó brisfear é, tá sé árd-leóchaileach: socracht. A réidhe a bhuaidh sé ar a raibh leis (ina choinnibh) a chuir an t-iongadh ar dhaoinibh: fusacht: neamh-dhuadh. Níl sí lé moladh ar a réidhe lé rámhaidheacht: a fusacht. A réidhe agus imthigheann airgead ó dhuine is a dheacracht a bhailiughadh: a bhuige, a shonaoidighe: ní mór an mhoill ag imtheacht é. Gan amhras rogha ceárdaidhe seadh é ar a réidhe do thagann obair air: buige: sonaoideacht: neamh-dhuadh. Ar a réidhe atá an chloch san bhainfeadh sí ó rásúir duit: a sleamhaine is a míne: a socracht chun cuimealta dhi. Is diail an ceann atá ort ar a réidhe a thagann teangthacha ort: a fhusacht agat iad d'fhoghlaim.

réidhteachtain(t): *b.3.* aontughadh, cóiriughadh, oireamhaint, teacht lé chéile. Is baoghalach go gcaithfead an ball so d'fhágaint, níl sé ag réidhteachtain(t) lém shláinte: ní oireann di: tá ag déanamh díthe dhi. Droch-chómhartha ceart ar dhuine gan an biadh do bheith ag réidhteachtain(t) leis: ag dul síos leis: ag dul chun maitheasa na sláinte. Ar chuma éigin nách féidir liom do mhíniughadh níl an focal san ag réidhteachtain(t) annsan: tá sé as ionad: ní thagann go snasta leis an gcuid eile. An lá ná bíonn lánamha ag réidhteachtain(t) is fearr scaoileadh maith ná droch-phósadh: síothach, grádhach, macánta lé chéile. Fanaim ón bhfarraige, mar ní bhíonn sí ag réidhteachtain(t) liom: cuireann sí orm: goilleann sí orm. Tá sé ar réidhteachtain(t) agat leis mar tá an dá dhiabhal air: do dhá dhóthain cúraim aontughadh leis. Tá réidhteachtain(t) éigin déanta eatartha: socrughadh go n-aontuighidís.

réidheadh: *f.* (*-dhte*) do mhíniughadh, do shleamhnughadh, (do) scaoileadh, (do) shocrughadh, d'ullamhughadh, (do) ghlanadh, (do) scartadh. Dia mór na glóire go raibh ag réidheadh na slighe dhúinn: ag socrughadh rómhainn: ag déanamh an bhealaigh níos buige. Ag réidheadh na ndairithe a chuaidh in achrann ar thóin an bháid: ghá scaoileadh is ghá ndíriughadh. Ag réidheadh na beárnan go raghadh capall is cairt isteach 'on gort: ag cur cloch agus uile i leathtaoibh. Níor lugha ná a fhonn a bhí ar an máighistir aon cheist a théigheadh dínn do réidheadh dúinn ach leigeant dúinn bheith ag útamáil leó: freagra d'oibriughadh dhúinn. Ní maith an ceann réidhte atá agaibh bhur gcruadhtan do socrughadh dhíbh, duine atá lán de chamasghail: duine a scaoilfeadh is a mhíneóchadh gach ponnc.

réidheadas: *f.1.* ciúnas, suaimhneas, féicheamhantas, sonaoideacht. Is mór an réidheadas ar bhóithribh lé déidheannaighe an leathanughadh a deineadh ortha is an ghnáiste a leathadh ortha: socracht is compórdacht. An réidheadas a bhíonn uaim i gcómhnaidhe, ní maith liom achrann: ciúnas is síothcháin. Dá mbeadh deireadh mo chuid fiach díolta agam budh mhór an réidheadas ar mo shaoghal dom é: cruadhtain curtha dhíom agam.

réidheadóir: *f.3.* ceannsuightheóir, mínightheóir, scartuightheóir. Ceapadh mar réidheadóir me chun na deifridheachta a bhí idir an mbeirt i dtaobh na teórann do shocrughadh: ceann réidhte: fear cirt. Réidheadóir maith a shocróchadh an cogadh so anois: fear síothchána.

réidhim: *b.a.* $_7$ *n-a.* sleamhnuighim, socruighim, mínighim, scartaim, ullamhuighim, aontuighim, glanaim, fuascluighim, cóirighim. Go réidhidh Dia do chríostaidhthibh bochta an domhain, mar is iad atá ina ghábhtar: go mínighidh sé an bealach go Parrthas: go bhfuascluighidh sé as gach cruadhtan sinn. Réidheadh an áit sin ar fheabhas nuair briseadh na bóirneacha a bhí ann: mínigheadh is glanadh. Tabhair púnt dom-sa is bíodh an earra agat, réidhfidh san an scéal eadrainn is ní bheidh a thuilleadh achrainn eadrainn: socróchadh ar shástacht gach éinne. Ní réidheann san do dhaoinibh eile do dhóthain do bheith agat: ní néann fuascailt ar a gcruadhtan. Réidhidh slighe dhuit féin annsan: socruigh. Réidhidh an t-iasc ar an líon: bain as na mogallaibh é. Ól an braon san réidhfidh sé an brón ód chroidhe: glanfaidh, spréidhfidh. "Réidheann san an scéal", deirtear go minic nuair bhíonn an uile chao imthighthe nó nuair bhíonn deireadh curtha lé rud. Réidhidh liom is déanfam go maith: aontuigh liom. Tabhair dom braon de san a réidhfidh mo scórnach i gcóir an amhráin: a ghlanfaidh (scartfaidh) í. Réidhfeam láthair an tighe: scartfam: cuirfeam trufais i leathtaoibh is déanfam slighe don bhfotha. Réidheann an té maith sin go hiongtach lém scartachaibh: déineann maitheas dóibh. Ní réidhfeadh na naoimh leis, tá sé chómh ciopánta san: ní fhoidhneóchaidís leis. Is cliste a réidh sé é féin as an dtranglam gránda ina raibh sé: a thairng é féin as. Réidheann an bás gach buadhairt shaoghalta: cuireann deireadh leo. Réidhtear an tigh tapaidh, tá daoine chughainn: cuirtear gach aon rud i dtreó. Sin é an fear galánta a réidhfeadh do bheart: a fhuasclóchadh as chruadhtan. Réidhidh do phíp, níl aon ghaoth aice: pé rud a bhí ghá tachtadh bain amach é. Ag bailiughadh airgid go réidhfí broid na ndíleachtaidhthe: go dtabharfí fuascailt ortha ina gcruadhtan.

réidhleán: *f.1.* áit mhín, shocair, íseal, faithche. Cuireadh deireadh leis na réidhleáin rinnce a bhíodh ar na cros-bhóithribh nuair tógadh hallaidhe: áit nó log oireamhnach ina gcóir. Deineadh réidhleán don mbeirt i lár an tsluaigh chun a chéile do thástáil: ródh, fáinne. Cuireadh síos réidhleán teineadh is buaileadh síos corcán mór feóla: teine mhór, ghroidhe. Réidhleán socair i mbun an ghuirt go luigheann na ba ist oidhche ann: áit mhín.

réidhnigheach: *a.* boigéiseach, so-ranna, fadaradhnach, sámh. Táir ró-réidhnigheach don ndream go bhfuilir istigh leó chun do chirt do phléidhe leo, táid sin cliste, glic: boigéiseach. Daoine réidhnigheacha iad san ná cuirfeadh choidhche bárthan ar éinne gan cur chúcha: sochma, deagh-aigeanta. Ní féidir gan dul ró-dhian air olc do chur air, mar is

réidhnigheach an fear é: faidtheadhlach. Ní buailfí bob margaidh ort mara mbeadh tu bheith ró-réidhnigheach don gcladhaire: boigéiseach: soi-mheallta.

réidhte: *a.r.* socruighthe, fuascalta, glanta, mínighthe, ullamhuighthe. An líon réidhte agus an t-iasc as: an t-achrann bainte as. Dá mbeadh an bóthar réidhte ghluaisfimís ar aghaidh: pé constaice atá sa tslighe orainn glanta as. Má tá an phíp sin réidhte agat, caith chugham gal: gaoth do bheith tugtha do pholl a coise. Gach aon rud réidhte is gach éinne sásta: socruighthe. Nílim réidhte as so fós: tá rud éigin ghom mhoilliughadh go fóill. Nár fhágas an bórd réidhte agat chun do chárta do thabhairt: glan ó chártaidhibh maithe.

réidhteach: *f.1.* socrughadh, glanadh, fuascailt, síothcháin, do dhéanamh margaidh, ullamhughadh, etc. "Ní théigheann rogha ón réidhteach": níl faic in ao'chor is fearr 'ná síothcháin. Ar mo dhícheall d'iarraidh réidhtigh do dhéanamh eatartha, ach is ag éirghe ortha a bhí: síothcháin. Ní haon cheann réidhtigh tusa do bheith ina measc: dóigh chun a gceannsuighthe. Déin réidhteach éigin ar an gcistin sin, is mór an seódh a aindeisighe atá gach aon rud caithte thall 'sabhfus: socrughadh: nidhthe do chur ina n-ionad cheart. Chuaidh an daradha in achrann is chaitheas seal maith ghá réidhteach: ghá bhaint as a chéile go rithfeadh as a chéile gan chosc. Dá mbeadh fonn réidhtigh oraibh ní bheadh sibh is giob geab agaibh ar a chéile: fonn suaimhnis. Réidhteach gach cruadhtain an bás: cuireann deireadh leó. An amach do gheóbhfá ameasc na ndaoine is do cheann gan réidhteach: gan bheith cíortha, cóirighthe. Táim d'iarraidh réidhteach do dhéanamh lém lucht fiach: teacht chun socruighthe éigin an áirighthe sin do dhíol ar amaibh áirighthe. Téigheann so dhíom-sa, cad é an réidhteach atá agat-sa air?: socrughadh. Déanfad-sa réidhteach maith air, éirghe as: gan mo cheann do bhodhradh leis. Sé réidhteach do rinneas leis, ocht n-uaire chluig sa ló ar trí púint sa tseachtmhain: socrughadh margaidh. Tá sé i ndeireadh na feide ar a leabaidh Dia ghá réidhteach: do thabhairt fuascalta air. Ag réidhteach na beárnan: ag tógaint constaicidhe. Talamh garbh ar fad do b'eadh an bun cnuic sin tamall, is maith an réidhteach a deineadh air, níl tor aitinn ná túrtóg anois ann: glanadh agus scartadh. Nílid ag réidhteach lé chéile in ao'chor, an dá thigh sin, ag allagar gach lá den tseachtmhain: ag fanamhaint síothchánta. An sagart ag réidhteach an duine bhreóidhte chun báis: ghá ullmhughadh: do chur na hola air. Chuaidh amhailt mhór (fharraige) in ár líontaibh gur chaitheamair iad do ghearradh, nár bh'fhéidir é do réidhteach asta: do bhaint glan. D'iarraidh thu féin do réidhteach as an scéal ataoi ag fagháil leath-scéil anois: teacht saor gan milleán. Is furaiste réidhteach liom-sa, geallaim duit ná fuil aon fhonn achrainn orm lé héinne: aontughadh. An áit ná an biadh atá ann nílid ag réidhteach liom: nílid go maith dom shláinte. Bead-sa ag réidhteach rómhat, labharfad lé gach nduine go bhfuil aon chómhacht aige ar an áit sin d'fhagháil duit: ag tabhairt cabhartha roim ré. Chuaidh an scéal ó réidhteach riamh, ní heól d'éinne connus mar thárla a bhás: foillsiughadh ar rud atá ina rún. Bhíodar ró-gheairrid i ngaol dá chéile, b'éigean dóibh scríobh go dtín easbog chun a gcol do réidhteach dhóibh: cead pósta d'fhagháil. Dhéanfainn aon rud ar ghrádh réidhtigh eadrainn ach ní thabharfí aon chluas dom: ar son síthe is ciúnais. Ag déanamh an réidhtigh atá sé riamh: fear síothchána é. Tigh na mbocht mo stáitse i ndeireadh mo shaoghail thiar: sé buille na tubaiste i gceart é. Sé réidhteach a thabharfainn do, an méid dob fhiú a chion den áit nó é do chur ar chrannaibh eadrainn: socrughadh. Deirtear go dtáinig Heas ón nGearmáin lé réidhteach chun Seoirseil: coingheallacha síothchána eatartha.

réidhteach: *f.1.* riasc, stráice talmhan gan cur gan claidhe mar coimín; spadlach talmhan. An naoscach féin ní mhairfeadh ar an réidhteach fiadhain sin: spadalach. Táim chun cladhthacha do chur ar an réidhteach san síos go barra faille: talamh gan saothrughadh.

réidhteach: *f.1.* an slabhradh nó eile a bhíos treasna trí dhroichead srathrach ó leathlaidhe go leathlaidhe trucallach. Ciorrbhaidh an réidhteach lúb tá sé ró-fhada is an trucaill ró-íseal i ndrom an chapaill. Tear(a)-ghad: an fáisceán builg srathrach, iallaite, etc.; Tiarach: an cuibhreach a bhíos siar ó shrathair fé earball ainmhidhe. Táir imthighthe id réidhteach ar fad gan chrích gan áird, gan luid den éadach gan cíoradh gan réidhteach: aindeiseóir gan slacht. Réidhteach mór fir a bhuailfeadh a cheann ar an gcearchail duit: fada, caol.

réidhteacht: *b.3.* síothcháin, táthadh as a chéile, aonta, foillsiughadh. Creid mise leis agus creid go fírinneach me leis, nách lé réidhteacht a gheóbhair an nidh atá uait ach le cómhrac: síothcháin. Is gleóidhte an réidhteacht a dheinis ar an daradha é lán de shnaidhmeannaibh: táthadh as a chéile: scaoileadh. Réidhteacht mhaith é sin, a chuid féin ges gach éinne is éirghe as: socrughadh ar fhadhb.

réidhteóir: *f.3.* ceannsuightheóir, fear síothchána, glantóir pípe. Ní bhead im réidhteóir eadraibh, socruighidh féin bhur gcúrsaidhe eadraibh: duine chun síothchána do dhéanamh. Réidhteóir ró-reamhar, ní raghaidh sé i gcois na pípe: glantóir, biorán cnotála nó a leithéid. Cuir réidhteóir sa pholl is tiocfaidh an leann dubh níos fusa: rud a fhairsingeóchadh an poll nó a ghlanfadh é.

réidhtighim: *b.a.* 7 *n-a.* cóirighim, socruighim, glanaim, scartaim, fuasclaim, cíoraim, slámaim, táthuighim as, aontuighim, deinim margadh, fostaim. Réidhtigheamair lé chéile go maith ar an dturus, ag cur an tsaoghail trí chéile ag itheadh is ag ól i dteannta a chéile: bhíomair go grádhmhar, muinnteartha. Chaitheamair scaramhaint lé chéile, tráth amháin den lá, ní réidhteóchaimís lé chéile: ní gheóbhaimís lé chéile: ní fhéadfaimís bheith ar aon aigne etc. Ní réidhteóchadh fuacht ná teas leis an nduine céadna .i. is cuma cad dhéanfaí dho do bheadh sé ag gearán: bheadh sé choidhche ag cnáimhseáin i dtaobh a shláinte. Réidhtigh an áit tímcheall an tighe is tabhair clódh air: tóg gach rud atá sa tslighe is cuir slacht ar an áit. Fan go réidhtighead na páipéir seo ar an mbórd: go gcuiread lé chéile in órdughadh iad. Choidhche ní réidhteóchad me féin as a bhfuil d'achrann fiach orm: ní ghlanfad: ní chuirfead a gcúram díom. Ní réidhteóchadh an t-arm iad féin go deó na ndeór as an gcor atá curtha ina dtímcheall is atá ag fáscadh isteach ortha: tairngeóchaid glan iad féin. Go réidhtighidh Dia mór na glóire gach cruaidh-bheart dúinn: go bhfuasclaidh Sé sinn as gach guais. An mhoirt atá ar thóin an bhuidéil réidhtigh sé é féin as an uisce: scar sé leis. Sin í an fheóil bhreágh shuiméaramhail don té go réidhteóchadh sí leis: go raghadh sí síos leis: go dtaithneóchadh lé n-a ghoile. Réidhtigheamair lé cheile ar trí púint sa tseachtmhain is mo chuid bídh: do rinneamair margadh oibre. Réidhteóchaidh sé an bóthar go mór dúinn beagán tiargabhála bheith déanta an oidhche roim ré againn: luathóchaidh sé go haonnidh dhúinn. Ní réidhteóchad-sa eatartha: ní dhéanfad síothcháin. Réidhtigheadh an margadh ar dhá chéad púnt: socruigheadh. Réidhtigh an mothal san leis an gcír: slámuigh é: sín na ruibidheacha a bhfaid go léir.

réidhtighthe: *a.r.* socruighthe, cóirighthe, aontuighthe, bainte as a chéile, freagartha, cíortha, slámtha; fuascalta. Chómh luath is bhead réidhtighthe annsúd bead leat: ullamh: pé rud atá lé déanamh déanta. Thug bean an tighe an béal don gcailín aimsire toisc ná raibh an chistin réidhtighthe aice: curtha i dtreó: gach árus is rud ina ionad cheart féin. Caithfear an scian do thabhairt ar an líon tá sé doi-réidhtighthe: ní féidir cuir is snaidhmeanna is lúba do bhaint as. Is é an scéal is réidhtighthe dhuit-se anois agus is tairbhighe dhuit do bhéal d'éisteacht is gan faic do rádh ar eagla go gcuirfí focal de id leith: is sonaoidighe agus is neamh-chonnthabharthaighe. Budh réidhtighthe dhom-sa gan aon bhaint do bheith agam lé nbhur gcúrsaidhibh, ní bheadh milleán ag aon taobh agaibh orm: budh neamh-mhairgeamhla: is saoráidighe do bheadh agam. Ná cuireadh an cúrsa san a luighead mairge ort, rud soi-réidhtighthe é sin: is furaiste do shocrughadh. Tá réidhtighthe agam leis ar an áirighthe sin sa mbliadhain: socruighthe obair ar dhíolaidheacht. Tá an chaora do-réidhtighthe as na sceachaibh, táid casta fillte ina cuid olna: ní féidir a fuascailt asta. Tairng uirthi (píp) anois, tá sí réidhtighthe: níl aon rud chun an ghail do chosc ar theacht trí n-a cois. An bhfuilir réidhtighthe as an gcúrsa úd fós?: glanta as. An margadh réidhtighthe ar dathad púnt againn: socruighthe. Níl an t-udhacht réidhtighthe fós, táthar in earrad i dtaobh a ranna: socruighthe: an méid a bheadh ag dul chun lucht a éilimh fachta aca. Dá mbeadh láthair an tighe réidhtighthe tosnófí ar thógáil: scartuighthe: ullamh don bhfotha.

reigléas: *f.1.* feic **raingléis**

reileán: *f.1.* duine gan éifeacht nó leath-éadtrom, curtha ar mearbhall, criathar. A reileáin, cad do bhain duit is dul ar an bpoll oidhche dhiamhair mar í seo a chaillfeadh na céadta: duine gan fuaimeant. Deineadh reileán sa doircheacht díom, ní fheadar cá rabhas ag gabháil: do baineadh mo mheabhair as mo cheann, do cuireadh an oiread san mearbhaill orm. Lean de, táir ag déanamh go hiongtach, bí ag imtheacht id reileán ó áit go háit, is cuma dhuit cúram ná eile: mar bheadh duine ná beadh stuidéartha. Fuair sé buille idir an dá shúil a dhein reileán de: a chuir an oiread san mearbhaill cinn air ná feadair sé faic. Ina reileán lé digh: ar aiste bheith ag déanamh rudaidhe aite. Ar mh'anam go bhfuil mo cheann ina reileán agat: méabhán ann ged ghlór. Reileán capaill a thógann sceit ó adhairc ghluaisteáin: ruaiseach: reathach. Deineann reileán duine de nuair bhíonn ól istigh aige .i. ní fheadair sé lé fuaimeant cad bhíonn dhá rádh ná dhá dhéanamh aige. Aon rud acht ná fuilim im reileán ar leithrigh ges na cártaidhibh seo: chómh suaidhte is ná feadar cad tá dhá dhéanamh agam. Táim im reileán gan codladh: mo cheann "éadtrom".

reilgín: *f.4.* duine go mbeadh cos mí-chórach, mí-chúmtha air.

reilgíneach: *a.* go gcois mí-chóraigh, mí-chúmtha nó an duine féin.

reilg: *b.2.* gabhann tímcheall eaglaise nó teampaill coisricthe le haghaidh adhlactha na marbh; log adhlactha. Ná déin réabadh reilge ar an áit: ná réapáil é: ná hiompuigh cill tuathail é: ná cuir gach aonnidh bun os cionn lé foirneart. Féach an réabadh reilge atá déanta ar mo ghort coirce tar éis na hoidhche: é pasálta, laitighthe. Caithfear a admháilt go bhfuil réabadh reilge déanta ag an nGearmáin ar an Rúis: gabhtha tríthe is díth is díoghbháil uathbhásach déanta dhi idir arm, mhaoin is thalamh. Go raghad síos 'on reilg

cuimhneóchad duit ar an maith atá déanta agat: go n-árdóchaidh an bás leis me. “Nodlaig (geimhreadh) ghlas reilg mhéith”: dubhluachar breis bháiseann. Tá casachtach reilge ort: casachtach a chuirfidh chun báis thu.

réilteann: *b.2.* reann solasmhar neimhe; bean áluinn. “Tá réilteann leanbach cois sléibhthe lastuaidh etc.” (amhrán): áilne mhná. Ca bhfuil réilteann an tighe seo?: cailín óg áluinn a bhíonn i mbéal gach éinne.

réilteannach: (**réiltheannach, réilteanach, réiltheanach**) *a.* lán de réaltaibh. Níor dheacair an bóthar do mheabhrughadh mar oidhche réilteannach dob í: go raibh cuid mhaith díobh sa spéir.

réilthín: (**réiltín, reithlín**) *f.4.* réalt bheag. Tá na réilthínidhe amuigh anocht .i. cuid mhaith aca sa spéir. An oiread san airgid sa bhannc, uaim isteach, gur chuir sé réilthínidhe ar mo radharc: do leath mo shúile orm: tháinig spearbaill orm. Solas chómh láidir ag an lampa san go gcuirfeadh sé réilthínidhe ort féachaint cruinn air: bhainfeadh cruinneas radhairc díot. “Cad iad na réilthínidhe a bhí ort, is a leithéid do dhéanamh?” deirtear le duine go mbíonn rud ait déanta aige. B’fhéidir ná fuil puinn measa aca san orm-sa, ach cuirfead réilthínidhe fós ortha: déanfad rud éigin a chuirfidh iongadh a gcroidhe ortha.

réim: *b.2.* cómhacht, ughdarás, ceannas, cúrsa, slighe; aiste, ionad, leagadh; cúrsa, fuadar, saoghal, gluaiseacht; meas tóirtéiseach. “Is mór an réim fé dhaoinibh bochta é”, deirtear nuair bhíonn gothaidhe móra fé dhaoinibh gan ghustal. Chómh gabhtha, gléasta le mac ministir is cad é réim atá fé: éirghe anáirde is tóirtéiseach. Bhain an leagadh úd smut den réim a bhí fé dhe: fuadar ná raibh éinne mar é. In aoirde a réime do Neapóilean bhí an Eóraip scannruighthe roimis: in aoirde a láin. Dá mbeadh aon réim agat ar dhuine níor mhaith an earra thu ar a dhéine labhrann tu: ughdarás: ceannas. B’fhuraiste aithint go ngoirteóchadh a theanga lá éigin é, bhíodh an iomad réime fúithi: gan aon tsrian dhá chur léi. Dá fheabhas é, tá a réim istigh anois: a ré saoghail. D’imthigh sé ina réim dhírigh is níor dhein stad ná fuaradh gur shroich sé ceann-spric: lom díreach. Budh gheairrid do réim: níor sheasaimh an fuadar mór ró-fhada. Ní hiongadh mianach na gadaidheachta bheith ann, b’é sin a réim dúthchais: b’í budh dhual do ón ndream a tháinig roimis. Athrughadh, is deallramhach, ní raghaidh go deó air, tá sé sa réim chéadna i gcómhnaidhe: ar an aiste chéadna is an fuadar (fiadhain) céadna fé. B’fhada é réim poilitidheachta na camplachta céadna, bhíodar trí thréimhsidhe i gceannas: cúrsa i gcómhacht. Nuair imthigh an t-airgead d’imthigh an réim: an t-éirghe anáirde is na gothaidhe a leanas gustal. B’aerach í a réim nuair bhí sé óg: tugtha do scléip gach lá dá bheatha. Is módhmharach an rud bheith i mbád is í fé réim seóil: rop seóil: í ag gluaiseacht go maordha lé n-a dóthain gaoithe. Níl aon réim fútha anois cé ná rabhadar mar sin tamall: gothaidhe móra, tóirtéis is scléip bailighthe leó. Chrom sé ar chainnt a luaithe is tháinig sé isteach is d’fhan fén réim sin gur imthigh sé: ar an gclódh san. Is gearr bheid síothchánta lé chéile in am is go mbeidh ina réim chata eatartha: ina chúrsa troda. Tá sé ina réim ithte fútha: iad ag itheadh ar dalladh. Daoine anoir ’saniar adtuaidh ’sandeas sa chathair beidh sí fé réim anocht: lán de chaitheamh aimsire is aoibhneas.

Nuair chidhtear duine ag déanamh aon ruda is fuadar fé deirtear, “is mor an réim í”. Is diail go léir an réim a leigis leat féin: gan aon tsrian ná cosc.

reimhe: *b.4.* tiughacht, téagar, righneas, borrthacht, longacht, dlúthacht, coimpléas i gcómhnáird faid is leithead. Chuirfeadh reimhe a reathach iongadh ort: an téagar is an tímcheall atá aca: tiughadas. Ar nós an ghrutha a ólfá an bainne sin lé n-a reimhe: righne is dlúthaidheacht dá chéile. An t-iasc is reimhe dár marbhuigheadh lé fada ar an abhainn: is téagartha agus is toirteamhla tímcheall an chuirp gan bac le faid. Ag dul i reimhe atá do cheann, ní fuláir, is ná tuigir cainnt chómh soiléir léi sin: i méid is i neamh-éifeachtaighe. Sin í farraige is reimhe do chonnac lé fada ar an gcósta: árd, borrtha, slán gan briseadh. Ní fhéadfainn a ghabháil im bhaclainn lé n-a reimhe: coimpléas mór. An stoc is reimhe atá ó Shasana anois: is beathuighthe agus is toirteamhla. Budh reimhe gach deóir léi ’ná gráinne sneachtaidh: mór. An té is reimhe caoirigh is leis (do) ghuidheann na bráithre: an té is mó ionmhas is leis do bhíonn guth na cléire. Dá reimhe a bheadh an mhóin budh dheacra a tiormughadh: dá mhéid a tímcheall ’sa toirt. Budh reimhe an bhúrdáil do fuaireas féin ’ná éinne agaibh, mar is mó a bhí ag gabháil orm: budh mhó is budh thruime. Ag dul i reimhe: ag dul i bhfeólmhaireacht, i méid nó i dtoirt. Prátaidhe (ubhla etc.) ag dul i reimhe.

réimeach: *a.* cómhachtach, ceannasach, cúrsach, tréitheach. Sid iad an bhuidhean a bhí réimeach tráth in Éirinn, na daoine ina gcosair easair aca: cómhachtach, ceannasach. Táimíd (ag tagairt do chách) árd-réimeach indiu má tá pingnidhe beaga airgid againn: fuadar árd fúinn. Gluaiseann an abha go réimeach síos go farraige ó chorp-lár na tíre istigh: cúrsach: leathan, doimhin, maordha. Ó thúis deireadh an chluiche d’imrigheadar go réimeach: go buacach: iad chun tosaigh i gcómhnaidhe. Is réimighe indiu iad ’ná riamh, ag caitheamh is ag scléip ’sag ragairne: is mó na gothaidhe is an saoghal aerach aca. Is neamh-réimighe bheidh tíortha na hEóraipe tar éis an chogaidh ná bhíodar roime: ní bheidh an oiread ceannais aca, ná ní bheidh siad chómh buailim sciathach bagarthach. Rugadh me an bhliadhain díreach budh réimighe Peáirneil: tráth aoirde a láin do.

reimheacht: *b.3.* tiughadas, beathuightheacht, téagarthacht. Bíonn breis reimheachta in ubh gé ná bíonn in ubh lachan: téagarthacht: toirt. Ní thaithnigheann sí lé buachaillidhibh óga toisc reimheacht a halt: méid, tímcheall is toirt. Má tá reimheacht i gceann éinne tá sé id cheann: táir bathalach. Ní lé méid a eólais ach lé reimheacht cheart a labhair sé chómh dána: bathalacht. I reimheacht mo ghéige do chuir sé an scian: san áit is mó go raibh feóil uirthi. Tá reimheacht thrí throighthe go maith sa chlár úd: ar aoirde (gan bac lé faid ná leithead). Reimheacht a chinn: borrthacht.

reimhead(as): *f.1.* tiughas, tiughacht, téagarthacht, toirteamhlacht. Ar an ubh is mó dá bhfeaca riamh, bhí reimhead(as) mo dhuirn ann: toirt. An reimhead(as) atá id reathachaibh ní fhéadfadh gan neart do bheith ann: toirt is tímcheall. Is deacair an bata san do bhriseadh is an reimead(as) atá ann: téagarthacht: toirteamhlacht. Tá crainn ann fiche troigh ar reimhead(as): tímcheall a gcompair.

réimeamhail: *a.* ughdarásach, ceannasach, fuadrach, dána, slaodach, tábhacht. Cómhairle ná cumann ní raibh sa chonntae ná raibh sé go réimeamhail ortha, ina mbun is ina mbarr:

ceannasach. Fir réimeamhla an domhain anois, De Bheailéara, Hitlear, Mosailíní, Peiteán, Francó, Seóirsil, Rúsbhailt, Stailín etc.: is mó cómhacht is úghdarás ina dtíorthaibh. Thug sé fé n-a dhéanamh réimeamhail go maith dá dheacracht é an gnóth is dá luighead é an fear: meisneamhail. Dá mhéid a gcuid ionmhais is a gcómhacht chun é do chur fé chois tá sé réimeamhail a dhóthain dóibh: ábalta ar cheann chuinge choimeád. Báisteach dhallta is gaoth mhór go réimeamhail ó indé roimhe sin ann: gan stad. Labhair sé go réimeamhail annsúd os chómhair an tsluaigh níor cheil sé a aigne ar a namhaid: go meisneamhail, cródha. Ná bodhar me léd chuid talmhan, fiadhaile is réimeamhla a chidhim ag fás ann: is slaodaighe agus is flúirsighe. Níor ghábhadh dhuit bheith leath chómh réimeamhail is taoi, ag dúmas ná fuil do chómh lé fagháil: mór-chúiseach.

réimeamhlacht: *b.3.* árd-fhuadar, ceannas, cómhacht, ughdarás, mór-chúis. Tá an réimeamhlacht ag baint riamh leis, dar leis nár cruthnuigheadh éinne mar é: meas is mórchúis, samhlaidheacht is gothaidhe gur tábhachtaighe é. Níl réimeamhlacht Shasana ar fad scriosta as an dtír seo fós, tá cos láidir istigh aice agus greim trádála aice: a chómhacht. Is fada agus is fairsing réimeamhlacht airm na Gearmáine anois, ón muir thiar soir thar lár na hEóraipe agus ón Orbuaidh go hOileán Créith: cómhacht, ceannas is ughdarás.

réimeas: *f.1.* seal, ré saoghail, tréimhse, righe, flaitheas. Lé réimeas na Gearmáine ag scaipeadh thar an Eóraip ceapann mórán gur lagughadh ar a cómhacht ar na tíorthaibh pasálta é: righe: flaitheas is smacht. Tá mo ré is mo réimeas thart; 'seadh, ní raibh aon droch-shaoghal agam faid mhair sé: idir thréimhse is thábhacht. Síothcháin, flúirse is toradh ar fuaid na dúthaighe is dá bharr réimeas: sástacht is aoibhneas. Budh mhór an truagh go deó gan é do bhaint réimis as a shaoghal mar is é atá tuillte aige: subháilceas is aoibhneas. I réimeas Neapóilean do tógadh na túir sin feadh an chósta: lé n-a linn.

reimhre: *b.4.* (**reimhreacht**) téagar(thacht), beathuightheacht, borrthacht, righneacht, tiughdas, dlúthacht, túcht, tuathalaidheacht, bathalacht. Lé n-a reimhre do labhair an t-aindeiseóir, ní raibh fios a mhalairt aige: aineólas. Ní dhéanfadh an tuagh choidhche an bheart ar an mbloc do ghearradh lé n-a reimhre: méid is toirt a chompair. Casóg ró-throm i gcóir an tsamhraidh seadh í lé n-a reimhre: tiughacht: aoirde ó thaobh taobh. Níor thaithnigh an capall liom toisc reimhre a chos, bhí sé neamhshlachtmhar dá dheascaibh: túcht: téagarthacht neamh-ghnáth. Níor bh'fhéidir reimhre na leac oighreach do bhriseadh bhí sí chómh reamhruighthe sin lé sioc: a haoirde, agus ag a dlúthacht ar a chéile. Lé reimhre do chinn ní fhoghlumófá faic choidhche: túcht is bathalacht. Scannróchadh reimhre na farraige thu, fiú amháin san áit ná raibh sí ag briseadh: aoirde is tor gach tonna. Níor bh'fhéidir é do bheith so-ghluaiste ar an mbóthar is a reimhre atá an ghnáiste air: cloch bhrúighte gharbh. Is beag beann ag reimhre do sparáin ar dhathad éigin púnt do chaitheamh: toirt: teannas. Ní lé reimhre a mhuiníl ná loirgeóchadh sé é: tuathalach a dhóthain chuige. Ós ag trácht ar dheatach i dtigh é, d'íosfá lé spionóig é siúd lé n-a reimhre: dlúthacht, truime. Reimhre an bhruic ar a chnámh droma: beathuightheacht. Reimhre na heochrach ná raghadh i bpoll an ghlais: a toirt. Reimhre na n-ubhall ar an luach an t-iongadh ar fad: an toirt 'san tímcheall a bhí aca.

reimhreacht: *b.3.* (**reimhre**) An reimhreacht chéadna ar an stoc i gcómhnaidhe: beathuightheacht. Léan ort! a amallóg neamh-anamamhail, ní hí do mhéid ach do reimhreacht: ní hí an scrothaidheacht atá ionat ach an bheathuightheacht.

réimse: *f.4.* leirg thalmhan, stráice, scar, leathantas. Réimseacha riaisc is sléibhe siar siar amach chun fiadhaigh is lámhaigh: stráicidhe móra, fairsinge. Réimse (talmhan) ó thuaidh chun barr Béidrighe ón dtalamh curtha a chothóchadh stoc tirim ar sheódh an domhain: scar fada, fairsing. Réimsidhe den mbóthar a chuirfeadh uaigneas ort ná buailfeadh tigh ná treabh leat: scaranna móra fada. Anuiridh cuireadh na réimsidhe fé chruithneacht, na céadta mílte acra breise: leirgidhe troma, fairsinge.

reithe: *f.4. feic* **reatha**

reithim: *feic* **reathaim**

reitheadas: (**reathachas**) *f.1.* dúil reithte (raithte) ar chaoire nó ghabhar. An dóigh leat go bhfuilim fé reitheadas ar fad agat go mbeir ag síor-lorg gach nidh orm: ar do thoil féin chun tabhartha dhuit. Ní mór an reitheadas atá ionat anois is do dhícheall do dhéanamh: brigh.

reithreán: *f.1.* tuile, greitheal, ruathar. D'árduigh an fharraige léi amach me mar árdóchadh reithreán abhann sop!: sruth mhear. Faid mhairir go mairidh do bhéas, an reithreán i gcómhnaidhe i ndeireadh: dála thiar, is gan deabhadh go dtí: an rás is an fuadar.

reithte: (**raithte**) *a.r.* reatha fachta aca. Táid rithte reithte: faighte.

reódh: *f.1.* ₇ *3.* sioc, téachtughadh uisce. Tá an t-uisce tar éis reóidhte: tá leac oighir tagtha air. Fuar? bíodh coinnle (coinnlínidhe) reódha ar mo chuid féasóige: blúiridheacha caol, bioranta leac oighreach ar sileadh ó spochaid nó faobhar ruda, déanta de théachtughadh braonacha uisce. Druid aníos leis an dteine, táir ag reódh annsan cois an dorais is an fuacht nimhneach atá ann: leac oighir ag teacht ort nách mór. Reódhthanna thosaigh na bliadhna d'fhág daoine gan toradh: babhtaidhe (brait) seaca. Brat reódha ar an dtalamh tar éis na hoidhche: sioc trom ina meirge air. Ar chualaís meigealach an ghabhairín reódha?: naoscach a ghníos glór cosamhail lé gabhar ist oidhche. Dubh-reódhanna na n-oidhcheannta so atá ag bascadh na ngas: sioc dubh. A súile ag glioscarnaigh ar nós an reódha: reithlíneach mar bheadh an sioc fé sholas.

reódhach: *a.* seacamhail. "Geimhreadh ceódhach, earrach reódhach, samhradh riabhach, fóghmhar grianach": go mbeadh sioc go minic ann. Oidhche chruaidh reódhach go maith chun siubhlóide: seacamhail.

reódhaim: *b.a.* ₇ *n-a.* siocaim, téachtuighim le fuacht. Reódhfaidh sé anocht: tuitfidh sioc: téachtfaidh uisce is rudaidhe taise lé fuacht.

reóidhte: *a.r.* téachtuighthe, siocuighthe. An linn reóidhte go raibh screamh leac oighreach uirthe ar a mbímís ag sleamhnán. An talamh chómh reóidhte is ná féadfá piocóid do chur thríd: cruaidhte lé sioc.

rí: (?**righe**) Níl rí ná rath ar an dtigh ó chuiris do chos thar thairsing: cuma ná cóir. Lá den rí ná den rath ní tháinig riamh air, d'fhan sé meathaluighthe mar sin: snas ná ádh. Beidh rí is rath ort má dhéinir rud orm: bunadhas is ádh. Nár chuiridh Dia lá den rí ná den rath ort (mallacht): foillse ar bith ná raibh lé feicsint agat is ádh ná raibh ort.

rí: (*g.* ríogh, *iol.* righthe) árd-riaghluightheóir (de ghnáth dréir dúthchais) agus ceann dúthaighe, stáit nó treabhachais; duine go mbíonn cómhacht mhór ar dhaoinibh nó ar cheanntar aige lé neart pearsantachta nó as ucht a ionaid nó a mhaoine; cárta go mbíonn fíoghar ríogh air idir an t-aon agus an bhainríoghain; an ceann nó an príomh ar aon ghasra. Rí na nDúl, na bhFeart, na nGrás(t), an Chirt, an Áthais, na Reann, an Luain, an Domhnaigh, na hAoine, na Cruinne, an tSuilt, na bhFlaitheas etc. A Rí na bhFlaitheas, an greann a bhí againn air, ag cleith-mhagadh fé is é ag gabháil leis ina dáiríribh. A rí na bhFlaitheas cad fáth duit (a Shéamais, etc.) rud chómh neamhghábhtarach leis do dhéanamh .i. nuair baintear preab as dhuine. A rí na bhFlaitheas, bíodh ciall agat, a dhuine, etc. A rí na trócaire! cad é an call, a dhuine, a bhí agat lé n-a leithéid do dhéanamh? A Rí an Chirt, atá ag féachaint ar an ndíochúis atá dhá dhéanamh orm, fóir orm ón namhaid. A Rí an Chirt, saor me i súilibh na ndaoine. A Rí na bhFeart, nách uathbhásach an cogadh é. A Rí na Glóire, dá bhfeicfeá áilne na háite sin is a dhiamhaireacht, oidhche ghealaighe, chuirfeadh sé tógaint croidhe is crithniughadh ort i dteannta a chéile. A Rí na Cruinne, cá bhfuair an fear so an t-airgead go léir? A Rí na nDúl, ná leig ar mí-threóir sinn. Dar Rí an Domhnaigh, mhuis, agus mo shláinte agam-sa, beidh malairt scéil feasta ann etc. Ná bíodh aon chainnt air ach tá sé chómh gabhtha is dá mbeadh ag dul i láthair an ríogh: gléasta thar barr. "I ndomhan na ndall is rí fear aon tsúl": sár-fhear ar gach cuma. Pé duine an rí is í an té an bhainrioghain: is cuma cé hé an ceann atá ar an ndúthaigh ní théigheann an rogha ón dté. "Mise rí na n-éan" ars an dreóilín nuair éirigh amach ó sciathán an fhiolair agus d'éirigh breis os a chionn san aer: máighistir na n-éan. Paca breágh, toghtha bleaigeárd seadh sibh, ach tusa, a Sheáin, an rí ortha: an t-árd-cheann. Aon mhaith níl bheith ghá lorg air, ní thabharfadh sé don rí é: d'éinne in ao'chor. Oidhche na dTrí Righthe: Oidhche Chinn Bhliadhna, go dtángadar ag tabhairt onóra don Leanbh. Dá mbeifeá ghá cháineadh go bráthach is é rí na bhfear é: rogha. "Do chuadar amach na crainn uair d'ungadh ríogh os a gcionn, agus adubhradar leis an gcrann ola, bí-se id righ orainn" (Breith. IX. 8): id cheann. Ce hé rí an oileáin?: an té is tábhachtaighe: go ndéintear dá réir is dá chómhairle. Nílir-se sásta gan bheith ag déanamh ríogh díot féin ar na daoinibh: bheith os a gcionn is iad do bheith ar do thoil is do chur agat. Rí na n-ainmhidhthe an leómhan: is treise, is fiadhaine, agus is uaisle. "Ní hionann dul go tigh an ríogh is teacht as": moillightear duine ar thurus (tábhachtach) gan súil gan choinne aige leis. "Agus me d'fhagháil bheith im righ ar Éirinn dá bharr ní dhéanfainn rud chómh bocht, suarach leis": ar aon rud ar thalamh na cruinne. Faid saoghail chun Ríogh Laois! Nuair bhuaileann mádh beag, lag drámh ríogh cárta deirtear, "is é an rí dhá leagadh leis an mbileóig é". Fear a bhí antréan lá dhá chur ar lár nuair thréigeann sé ag fáslach beag ó indé bíodh do mhuinghin as fós, tá adhbhar ríogh ann: tá an mianach ceart ann. Scuab an t-aon mo rí (cárta): d'imthigh ar an ndathughadh san.

riabh: *b.2.* síog, feárna, stríoca, riasta. Riabh tímcheall i mbun an tsoithigh go dtéigheann fioradh an tóna isteach ann: clais. Riabh ghorm tríd an éadach: síog: líne fhada chaol ar malairt datha. Mo chorp lán de riabhaibh ó bheith ag gabháil lé lasc orm: riastaidhe: síogaidhe atuighthe ar an gcneas.

riabhach: *a.* síogach, riastach, stríocach, síogaidhe liath-bhuidhthe ar dhath eile, righin, faillightheach, fuairthéidheach; dubh-odhar. Samhradh riabhach: tamall grianmhar, tamall fliuch, gaothmhar. Níor mhór duit cur moch chun bóthair lá gearra riabhach mar é seo nuair bheadh turus fada rómhat: lá geimhridh: lá ná beadh duine deimhnightheach den aimsir. Níor chaill laetheanta na bó riabhaiche riamh é .i. tagann an fuacht gomhamhail, nimhneach i bhfíor-dheireadh an Mhárta agus i bhfíor-thosach an Abráin: na laetheanta ar iasacht a chuir an bhó chun báis. Ná bíodh an tsúil go maidean gheal abhaile leis an ragarnálaidhe sin agat, agus an té atá ina fhochair tá sé chómh riabhach leis: faillightheach, fuairthéidheach. Geallaim dhuit ná fuil faic lé maoidheamh aige, go mbíonn sé chómh riabhach le fear tráthanna: mall: bóiléagarach. Níl aon fhás san aimsir seo tá sí ró-riabhach ar fad: gaothmhar, stuacach, gan teas. Pé duine a dhéanfaidh é nó ná déanfaidh é an riabhach pioc diom-sa dhéanfaidh é: dul ar bith níl. Is amhlaidh mar tá agaibh ná feadar céaca is riabhaiche agaibh, blas ná dath ní bhfaghaim oraibh thar n-a chéile: is neamhthuisighe iomchar. An riabhach dom go raibh sé d'ádh orm breith ar mhullach cinn air díreach agus é ag súngcáil: do thárla mar déarfá "bíodh mar sin". Bhíodar ag itheadh annsúd os mo chómhair is ag alpadh, an riabhach cuireadh ná eile do fuaireas uatha: níor chuimhnigheadar air! Th'anam 'on riabhach! bí amuigh, nó béarfar ort .i. éigheamh brostuighthe. "An dtabharfá airgead ar iasacht dom?" – "an riabhach é, mhuis"; an riabhach pioc: aon dul níl air. Dá mhéid é bhur mbladhgar ar bhur ngaisce an riabhach duine agaibh go mbeadh sé de mheisneach aige barra méire do bhualadh air: an donn duine: neach in ao'chor. An riabhach do ná raibh ag siubhal roimis go dtáinig go coill mar ar chodail sé i rith na hoidhche: bhí sé ag cur de is ag cur de go dtí etc. An riabhach do nár bhuail me gan aon chúis: thárla sé is b'ait liom é. An riabhach pingin im phóca tar éis na hoidhche! cad d'imthigh air?: faic in ao'chor! Tá an riabhach ar lár sa bhféith! fé n-a h-earball thu!: an bhó chrón-shíogach. Tá an riabhach féin lé crostacht ar an leanbh san: árd-chrosta. D'imthigh an riabhach ar an lá: iompuighthe an-olc. D'imthigh an riabhach air chun ólacháin: ró-thugtha ar fad do. Sa riabhach leó! cad é an tor atá agam-sa ortha?: bíodh an mío-ádh aca.

riabhóg: *b.2.* fuiseóg, síog bheag. Nead riabhóige, riabhóg mhóna, etc. Ná bí ag imtheacht id riabhóig, fan in áit éigin, nó déin rud éigin: bean nó cailín neamh-stuidéartha. Seadh, a bhuachaill, tá do riabhóg agat: do chailín. Chualaidh an riabhóg mhná so agam-sa ó mhnaoi cómharsan é, sin a bhfuil dá chunntas agam: ratalálaidhe mná [samhluigheann an focal neamh-thoirteamhlacht]. Riabhóg bó seadh í, connus chuaidh sí an t-airgead mór san ní heól dom: truaghán ainmhidhe.

riabhóigín: *b.4.* riabhóg bheag, bó bheag, etc. Cad ar go dtabharfá cailín breágh? cad tá innte ach riabhóigín?: beag i dtoirt. "Ná bí ag imtheacht id riabhóigín mar sin", lé mnaoi nó cailín a bhíos ag gluaiseacht gan aon stuidéar ná fuaimeant léi.

riachtain(t): *b.3.* sroichstint; gnóthughadh. Díreach agus me ag riachtain(t) an bhaile mhóir ar an imeall amuigh seadh bhrathas an gárda ina thímcheall, ná leigfeadh isteach me: teacht go dtí é. Tar éis riachtana aois fir do fuair sé a oidhreacht: ar shroichstint. An méid airgid a bhí uatha orm ní fhéadfainn a riachtain(t) ar an uain sin is cuireadh as seilbh me: a chur lé chéile.

riachtanach: *a.* gábhtarach, ganntanas, práinneach, ceangaltach. Beart riachtanach cabhradh leis na boicht: gníomh a bhíos ag éigheamh ar fhéith na carthanachta ionainn: é ceangaltach orainn dréir Dé is daonaidheachta. Is riachtanach biadh chun maireachtana: gan é ní mairfí. Tá sé riachtanach ar gach peacach Dia agus a chómharsa do ghrádhughadh: ceangalthach, gan san bíonn dlighe dhá bhriseadh againn. Beidh Gaedhealaing riachtanach i gcóir an scrúduighthe: gan eólas uirthi teip is dán do dhuine. É riachtanach ar na parróisteánaigh an chléir do chothughadh: ceangailte. Daradha, dubhán is baoite sin a bhfuil riachtanach chun iascaigh: sin is gábhadh. Níl sé riachtanach orm éirghe indiu, níl cíos cás ná cathughadh orm: níl sé de bhuannacht ag éinne ná ag aon rud orm. Is oth linn é ach tá sé riachtanach tú do chur chun báis, óir táir ró-chonntabharthach, an iomad rún agat orainn: níl aon dul uaidh. Is riachtanach ceadamhnas chun tobac do reic: caithfear a fhagháil. Is iomdha rud riachtanach ar an nduine: is éigean do do dhéanamh nó ná féadfadh a sheachaint. "Óir do connacthas don Spioraid Naoimh is dúinne gan níos mó d'ualach do chur oraibh ná na nidhthe riachtanacha so" (Gníomhartha XV. 28): .i. na nidhthe ná raibh aon dul uatha. Tá sé riachtanach ar gach Caitliocaidhe aifreann d'éisteacht gach Domhnach is lá saoire fógartha: dlighe atá ceapaithe ina thaobh do chóimhlíonadh. Choidhche ná hób do chabhair ar an riachtanach: cuimhnigh dá mbeitheá ina ionad: an té go mbíonn t'easbaidh go cruaidh air.

riachtanas: *f.1.* gábhadh, ceal, éigean, call, géibheannas, cruadháil. É do bhualadh an bheart gan ghábhadh gan riachtanas: b'fhéidir déanamh gan é agus ní bheadh aon rud caillte gan a dhéanamh. "Choidhche ní ghoidfinn", ar seisean, "ach an riachtanas": an uireasbhaidh: an ceal. "Ag cómh-roinn leis na naomhaibh ina riachtanasaibh, ag gnáthughadh lucht aoidheachta do ghlacadh" (Rómh. XII. 13): bochtanacht. A rí na trócaire, cosain sinn in am ár riachtanais: rud is éigean do dhéanamh ar am nár bh'fhéidir déanamh gan é. "Tugadh gach n-aon uaidh dréir togra a chroidhe, ní maille lé doicheall ná lé riachtanas, óir is ionmhuin lé Dia an té a bhronnas go soilbhir" (2 Coirin. IX. 7): éigean. Ní riachtanas go bochtanacht: níl aon scéal is measa 'ná í. "Ní ghabhann dlighe lé riachtanas"; "níl dlighe ag riachtanas": nuair bhíonn géibheann ceart lé rud ní féachtar do dhlighe ná d'áirighthe. Lé riachtanas ceart ní chuirfinn me féin fé chomaoin aige: ar ghábhadh chruaidh do bheith agam leis. Ní lé gábhadh ná éigean é, ach lé riachtanas: lé ceal ná éigean, ach ní fuláir é, toisc go mbeadh a mhalairt bun ós cionn le nádúir an ruda. "Máthair na géir-intleachta an riachtanas" .i. más fuláir rud do dhéanamh caithfear slighe chuige d'fhagháil nó do cheapadh. Riachtanaisidhe seadh biadh is teas: ní féidir leis an gcorp daonna déanamh gan iad. Fuaireamair órdughadh gan an baile do ghéilleadh don namhaid ach lé hárd-riachtanas: adhbhar éigin ná raibh aon dul uaidh againn. Ó, Dia linn nách gránda é an riachtanas me ar mo ghlúinibh nách mór ag lorg greim bídh lé n-itheadh: dian-cheal an ruda a bhíos ag tastáil. Riachtanas ceart aige sin bheith ag ól: trí thaithighe ní fhéadfadh sé déanamh dhá cheal. Níl aon leath-scéal nó eile lé glacadh

uaim, riachtanas seadh bheith ann: dualgas nách féidir gabháil tharais. Ní gábhadh go riachtanas: pé ceal (le biadh nó eile) a bheadh ar dhuine ní fiú biorán is é go dtí nách féidir déanamh gan é.

riaghail: *b.3. 7 5.* riar, órdughadh, treóir, smacht, bacart siúinéara, tómhas, etc. Bíodh riaghail éigin leat, táir imthighthe dhuit féin ar fad: teóra: cuir smacht ar do ghníomharthaibh. Bíonn riaghail leis go héinnidh agat-sa dhá dhéanamh: teóra ó oilceas (olcas) bheadh rudaidhe bheadh súil ná raghaidís thar cailc ar fad. Níl sé chómh saoráideach is budh dhóigh leat dul chun cainnte lé daoinibh móra, caithtear gabháil tríd na riaghlachaibh áirighthe: rudaidhe áirighthe do chóimhlíonadh. Tímcheall bídh sa tigh seo, níl aon riaghail againn, teacht is bheith ag duine mar is áil leis: órdughadh ama go leanfaí nó go gclaoidhfí leis. Ar an riaghail chéadna seadh oibrigheann an dá inneall so .i. cómhacht bhunaidh a thugas an toradh céadna. Caithfear tu do chur fé riaghail áirighthe gan chead do thabhairt duit an áit seo d'fhágaint ach ar amaibh áirighthe: órdughadh smachta. Bheadh sé i gcoinnibh na riaghlach tobac do chaitheamh sa leabharlann: treóruighthe atá lé haghaidh riar do choimeád. Chuir an dochtúir riaghail liom gan ach an áirighthe sin bídh d'itheadh ag gach béile: teóra ceartuighthe. Tá sé luath, déidheannach aige athrughadh anois, tá sé imthighthe ró-fhada ó riaghail: gan smacht iomchair. Iomchar gan riaghail a bheir do bheith mar atá se, briste, brúighthe, bocht, dealbh: é do bheith ag imtheacht le haer an tsaoghail. An bhfuil riaghlacha Dé ghá chóimhlíonadh agat lé fanacht as Tigh Dé?: dlighe Dé. Chuir Dia an rath ortha mar bhí tigh deagh-riaghlach aca: riar ceart ar bheatha an lín tighe, eatartha féin is an comharsa agus Dia. Ar an uain seo dearbhóchad go fonnmhar gurb é mo bharamhal go bhfuil sé chómh díreach lé riaghail, is gur fada ó olc ná urchóid é: macánta, ionraic. Ná bí chómh beacht, sprionnlaithe is go sínfeá an riaghail lé gach rud do thabharfá uait: ná tabharfá uait ach an ceart lom. Deich dtroighthe ar fad atá sé leis an riaghail: blúire adhmaid, etc. nó incil, roinnte ina throighthibh, órdlaidhibh, etc., chun rud do thómhas. Dá mbeadh a gcomplacht poilitidheachta san i riaghail, budh dhóigh leat ortha go ndéanfaidís na huirc is na hairc: i gcómhacht: i gceannas. Dá mbudh fúm féin do bheadh, ach ní headh, mar táim fé chómhacht riaghlach a choisceas me ar mo thoil do dhéanamh: slighte teóranta nách mór dom do chóimhlíonadh. Ní hé na tíortha so go léir do chlaoidheachtaint an t-iongadh ach iad do chongbháil fé riaghail: riar, smacht. An ceanntar as san ó thuaidh, níl aon riaghail againn air, deinid a ndlighthe féin: ughdarás chun a riartha. Clipighthe ag an sean-chlog san ó bheith ag imtheacht as riaghail: as órdughadh. Bhíodh sé ag briseadh na riaghlach chómh minic sin gur briseadh é féin sa deireadh: bun-dlighthe ceapuighthe chun riartha rud áirighthe: treórughadh chun cóimhlíonta rud áirighthe. Imthigh mar táir ag imtheacht riamh gan riar, gan riaghail: gan smacht ná teóra olc ná maith lét iomchar. Riaghail ingir an tsaoir do chur air, ní bheadh sé níos dírighe ina diaidh: an clár, an daradha go n-a iomchar luaidhe a bhíos ag saor chun dírighe falla do mheas. "An ag déanamh riaghlach duit féin do bheifeá?" adéarfaí lé duine do bheadh ag briseadh nós cómhnaidhtheach.

riaghalta: *a.r.* fe riaghail, riar, smacht, ceannas, cómhacht, órdamhail. Chuaidh m'inghean ins na mná riaghalta: ameasc cuallacht ban a chómhnuigheas i gclochar a thugas iad féin ar bheatha dhiadha, a mhóidigheas geanmnaidheacht, bochtnacht agus géillsine. D'fhonn sláinte do bheith agat ní mór duit beatha riaghalta do chaitheamh is ní

ragairne ná áirneán san: a bheadh riartha, cosamhail, teóranta, a sheachnóchadh bearta a dhéanfadh díth dhi. Duine riaghalta mar é ní baoghal go ndéanfaidh aon rud a shuaidhfidh an choitchiantacht: a choimeádas é féin fé smacht. D'áiteóchadh móran daoine ná fuil na tíortha atá fé smacht gallda chómh riaghalta is ceaptar iad do bheith: ag cóimhlíonadh na ndlighthe: órdamhail: mín do cheannas. Táid de scata leanbh chómh riaghalta is gheóbhfá bail ortha, ar aon líon tighe: béasamhail: géilleamhail do smacht a muinntire. Ar an mac is mí-riaghalta dar saoghaluigheadh do mháthair riamh; deineann sé gach aon rud is féidir leis ná fuil cóir ná ceart: neamh-ghéilleamhail do shlightibh is eól do bheith dréir iomchair dleaghthamhail. Caithfear an clog san do shocrughadh, níl sé ag imtheacht go riaghalta in ao'chor, seal tapaidh aige is seal mall: níl ionannas gnímh ag baint leis: ní leanann don am mar is cóir, nó ní bhuaileann ar aitreamhaibh mar budh cheart. Níor cuireadh cúis milleáin ná gearáin ina leith riamh, tagann sé, deineann a chuid oibre, agus imthigheann chómh riaghalta leis an dtaoide: tráthamhail: ar na haitreamhaibh gurb é a dhualgas é. Leath an oiread cainnte ní bhíonn ag baile aige agus bhíonn lasmuigh, mar tá sé riaghalta ge n-a mnaoi: smachtuighthe: an tslat os a chionn aice. Go dtí go mbrisfeadh Dia mo chroidhe, agus annsan féin, ní bheadh mo chuid oibre riaghalta agam faid beifí ag cur isteach orm: leagtha amach nó sínte in órdughadh cheart. Daoine ag gearán is ag éigheamh ná fuil luach earraidhe áirighthe riaghalta chómh maith agus fhéadfí iad do bheith: cóirighthe maidir leis an méid is fiú iad. Órd riaghalta áirighthe manach is sagart atá i Ros gCré: cuallacht dhiadha a chuireas a saoghal isteach fé dhlighthibh áirighthe ceapuighthe dhóibh féin amháin. Aoibhneas liom a chlos go bhfuilir árd-riaghalta ar fad lé tamall, ná fuil ráig ná ragairne ag baint leat: beatha ionann, neamh-scléipeamhail dhá chaitheamh agat. Ní ghabhaim lé haon tráthaibh riaghalta oibre, ach nuair bhuaileann an teadh me chuige: amanna áirighthe. Dá mbeadh sé ar neamh ní fhanfadh sé socair, tá sé chómh mí-riaghalta san: crosta neamh-bheannamhail ar smacht. Cathair mhí-riaghalta ní hiongadh gur thuit oirbhire Dé uirthi: malluighthe, peacamhail. Dá mbeidís mar daoine riaghalta eile ní bheidís ag bruighean is ag achrann lé chéile in aghaidh an lae: daoine macánta, a thabharfadh fé ndeara dlighthe na talmhan. Budh dheacair d'éinne a rádh gur saoghal riaghalta é seo is a bhfuil de bhuadhairt is d'ár is d'easbhaidh ann: saoghal a bheadh macánta, agus ceart is cóir ag an gcaonaidhe.

riaghaltacht: *b.3.* tráthamhlacht, ionannas, órdamhlacht, comhthromamhlacht. Ní raibh aon riaghaltacht ag baint riamh leis, mar bheadh lé duine eile, deineadh sé rudaidhe ná cuimhneóchadh neach eile ortha, ach é féin amháin: iomchar mar bheadh lé duine den gcoitchiantacht. I gcompráid lé bliadhantaibh ó shoin tá an aimsir imthighthe chun raice ar fad, gan aon riaghaltacht ag baint léi, clódh is crot an gheimhridh air go minic i lár an tsamhraidh: ná leanann sé a chéile go saosúrdha. Ar a gluinibh maidean is tráthnóna, is aifreann Dé Dé Domhnaigh dá éisteacht aice, is mór a riaghaltacht: cráibhtheacht. Chuirfeadh riaghaltacht an tighe glionndar ar do chroidhe, a dheise is tá gach aon rud ina ionad cheart féin: órdughadh: órdamhlacht: an cóiriughadh taithneamhach atá ar nidhthibh ann. Mheas sí go dtaithneóchadh léi dul isteach i gclochar go bhfuair sí amach nár réidhtigh riaghaltacht lé n-a sláinte: beatha a iomcharóchadh smacht is riar a bheadh ró-dhian uirthi. Níor bh'fhada an mhoill ar dhaoine tuiteam na cathrach do chur i leith mí-riaghaltachta: neamh-ghlaine beatha na ndaoine innte. Bhíodh sean-chorreach aige gur mhí-riaghaltacht ar fad í: í lán de mhalluightheacht. Is fada buidhe ó riaghaltacht

gluaiseacht na dtraenanna anois, ní bheadh a fhios agat cathain a dteacht ná a n-imtheacht: aimsir chinnte buailte lé n-a ngluaiseacht.

riaghaltas: *f.1.* righe, for-lámhas, árd-chómhacht, árd-ughdarás; an dream a gheibheas cómhacht chun tíre do riar, dlighthe do dhéanamh, d'athrughadh etc. Dob é gnóth aon riaghaltais mhaith sonas na ndaoine do mhéadughadh trí chortha do chur fé chois agus luach saothair do thabhairt don mhaith. Bhíodh fir againn i bpeáirlimint Shasana go ngairimís feisiridhe ortha, is iad ag cómhrac chun "riaghaltais dúthchais" d'fháscadh as Shasana d'Éirinn: an chómhacht chun dlighthe do dhéanamh don ndúthaigh seo agus í do riar. An iongadh leat riaghaltas do bheith aige ina thigh féin?: árd-chómhacht gan bac air ag éinne lasmuigh. Dá bhfaghadh gach éinne a thoil chun a rogha rud do dhéanamh is gearr do bheadh aon riaghaltas againn: ughdarás chun smachta is riartha do dhéanamh ar chúrsaidhibh beatha na ndaoine. Is minic taidhbhsightear dom gur riaghaltas aon fhir atá i bhfurmhór tíortha an domhain fé láthair: árd-chómhacht riartha na tíre ag éinne amháin. Dá mbeadh do theanga fé riaghaltas agat ní bheadh an oiread ritheadh seama gan éifeacht fúithi: smacht: riar. Má bhí riaghaltas teinteáin ar aon fhear bocht riamh, tá sé air: é fé smacht a mhná nó muinntir a theaghlaigh.

riaghalthóir: (**riaghlóir**) *f.3.* stiúrthóir, treórthóir, bainisteóir, dírightheoir, cómhachtóir. Ár dteachtaidhe dála is ár seanadóiridhe riaghalthóiridhe na tíre seo .i. is iad a cheapas ár ndlighthe dhúinn agus a riaras orainn iad. Ní rug sé ar shlait smachtuighthe aon riaghalthóir scoile budh dhéine 'ná é, bhrisfeadh (sé) do chnámha dá mbrisfeá a riaghlacha: riaruightheóir: fear go raibh cómhacht is ughdarás aige agus a chuireadh i bhfeidhm iad. Buaileann an clog san ar aitreamhaibh cómhfhaid in am, de dhruim riaghalthóra atá ann: fearas a smachtuigheas nó a stiúruigheas chuige sin é. Ar fhormhór na dtíortha lasmuigh atá fé smacht Shasana tá riaghalthóir aice ortha .i. an teideal ceannais a tugtar d'ionadóir lé coróin Shasana ar dhúthaigh iasacht fé n-a smacht: an ceann ceannais ar aon stát i Mearaice: ar bhaile mhór, etc. Riaghalthóir maith ar an siopa san is a rian air, ó tháinig sé ann tá sé dulta chun cinn: stiúrthóir. Is éigean dom-sa do bheith istigh luath ist oidhche, ní leómhfainn fanacht amuigh, tá riaghalthóir máthar orm a dhúnfadh an doras orm: duine go bhfuil cómhacht aige orm mé do choimeád fé smacht. Comhthrom ná ceart ní bhfaghainn uatha, fágaim fé riaghalthóir an domhain iad: Dia.

riaghlach: *a.* tráthamhail, dréir órduighthe. Ní headh go ndeárna sé aon rud as an slighe go dtabharfí coir air, ach nidhthe ná raibh riaghlach: dréir mar bhí ceapuighthe nó sínte amach do lé déanamh. Ní rud riaghlach do dhaoinibh a mbairéid do choimeád ortha i dtighthibh bídh: rud ná déintear de ghnáth ná ameasc daoine béasamhla.

riaghlachas: *f.1.* cómhacht, smacht, for-lámhas. An iomad riaghlachais ar fad ag baint leis an áit seo dómh-sa chun fanacht ann: smacht ar an slighe atá ceapuighthe dhom chun me féin d'iomchar. Déineann sé riaghlachas an domhain ar gach éinne a bhíos fé n-a léith: d'imirt a chómhachta ortha. Choidhche ní bheam sásta sa tír seo faid bheidh aon rian riaghlachais ag aon dúthaigh iasachta orainn: aon rianán cómhachta chun sinn do riar dréir a dtola 'sa dtuairmidhe sin.

riaghlaidhe: *f.4.* treóraidhe, smachtóir. Ní fhéadfadh an buachaill aimsire claidhe leis an dtigh, do bhí riaghlaidhe mná ann ná féadfadh sé bruic léi: bean dhian, bheacht ar gach cúram do dhéanamh. Is aige atá an focal déidheannach ar gach cúrsa, riaghlaidhe é nách féidir dul thar a bhreith: fear socruighthe ceiste ar bith.

riaghlughadh: *f.* (*-uighthe*) smacht, riaradh, bainistidheacht. Ní bhíonn an lucht riaghluighthe ach mar bhíonn na daoine a cheapas iad, olc nó maith: an dream a ritheas dlighthe agus a riaras iad. Cuid den ndúthaigh seo fé riaghlughadh iasachta: a cúrsaidhe beatha fé threórughadh is riar tíre thar lear. Theip ar an siopa trí dhroch-riaghlughadh, faillighe is camasghail cléireach is ceal aire an bhainisteóra: gan an treórughadh ná an dúthracht cheart. Is follus aiste aon tíre, olc nó maith ar chuma a riaghluighthe: a stiúrtha. Riaghlughadh na luinge fé n-a captaen: an uile rud a bhaineas lé n-a triall ó phort go port fé n-a smacht go hiomlán. Dream riaghluighthe a bhíodh againn sa tír seo go dtí lé déidheannaighe, níor dínn féin iad, agus d'fhágadar rian gallda ar an uile nidh gur theangmháladar leis: an bhuidhean go raibh cómhacht aca an dúthaigh do rith ar a dtoil féin. Neamh leis nidhthe d'fhágaint fé n-a riaghlughadh: cead chun órduighthe is riartha bheith aige subháilceas a chroidhe.

riaghluighim: *b.a.* stiúruighim, riaraim, treóruighim, dírighim is cóirighim. Ar a bhéal do riaghlóchadh sé na seacht bparróistidhe, ach féach an riaghlóchadh sé a bhean: is í a thugas béal ciúin do: riarfadh: stiúróchadh is dhíreóchadh ar a thoil iad. Riaghluigheann an gléas beag so solas an tighe ar fad, múchann sé nó lasann sé dréir mar castar é: treóruigheann. An té a riaghlóchadh a chuid airgid i gceart budh lughaididhe a cheal choidhche: a bhainfeadh áis go ciallmhar as. Fíor-bheagán righthe a riaghluigheas anois, tá a bhfurmhór mór dí-chorónuighthe: go bhfuil árd-chómhacht stáit aca agus a cur i bhfeidhm. Tá an clog san ag imtheacht do féin, riaghluigh é: ceartuigh é i slighe go ngluaisfidh mar is ceart. Maoidhtear air go riaghlóchaidh sé an domhan sara stadaidh sé muna gcoisctear é: go ngeóbhaidh lastuas den domhan is go gclaoidhfidh chun a thola iad.

riamh: *d-bh.* roimhe, roimhe sin, go dtí so, i gcómhnaidhe, aon am. D'aindeóin ná raibh aon chrot ar fheabhas ag teacht ar a ghnóth do chlaoidh sé leis go coingheallach riamh is choidhche gan teip ar a mheisneach gur éirigh leis: gan staonadh, gan stríocadh. Beir ag priocaireacht riamh is choidhche ar an bpuchóid sin go ndéanfair do dhíoghbháil: ní imtheóchaidh sí as t'aigne ná gur call do bheith ghá dhéanamh. An gearán céadna riamh is choidhche agat an béal bocht: aon rud eile níl lé clos uait: an síor-phort. Ní rabhais aon lá riamh chómh maith d'fhear liom: i rith do shaoghail. Ní fheaca an lá riamh go bhféadfainn mo chuid féin do ghlaodhach ar phúnt, do bhíos chómh bocht san: oiread is lá roimhe seo. Buachaill galánta gach aon lá riamh é sin: i gcómhnaidhe. Bhí sé riamh dána is theangmhuigh gur báthadh é: ní raibh tráth go nglacfadh cómhairle ná go bhféachfadh roimis mar budh cheart. Riamh dob fhearr liom té ar maidin 'ná a malairt eile: b'í mo rogha dighe í. Riamh ná choidhche ní luighfeadh sé lé gnóth, ach ag straillidheacht tímcheall: aon am in ao'chor ní luighfeadh. Cáithne riamh tobac ní raibh lé fagháil ar an sráid-bhaile indiu: aon bhlúire in ao'chor. An dtáinig a leithéid de chogadh riamh ar an gcinnidh daonna .i. cogadh ró-uathbhásach é. Ní rugadh riamh a leithéid, ach is deacair a chómh d'fhagháil ar fheabhas (nó ar olcas). "Ar aimsigheas an marc an uair

úd?" – "riamh!" .i. níor aimsighis. Riamh riamh tá mo chroidhe cráidhte agat: síor-chrádh dhom thu. Ón gcéad lá riamh bhí buaidhte ortha: ó thúis. Cloisinn riamh i mbéal na ndaoine an chainnt sin: faid is tá cuimhne agam. "Cad é an t-aos anois é?" – "tá sé riamh ann" .i. an-aosta ar fad. Is diamhair agus iongtach agus is áidhbhéil ná bíonn an fharraige choimhtheach riamh gan an dórd doimhin sin idir chalm is stoirm: do shíor. Aon mhuinghin níl agam asam féin chuige seo mar is annamh riamh a thástálas é: uair má seach má dheineas in aon chor. Beidh ag rith riamh is choidhche leat go ndéanfair rud éigin a sháidhfidh ar do dhá shúil 'on phríosún thu: clisfidh ort an uair is lugha bheidh coinne agat leis. Níor bh'fhearr riamh é 'ná me bheith déidheannach dá mhéid imshníomh is eagla do bhí orm ina thaobh mar dá mbeinn in am bheinn san tigh nuair séideadh é: budh mhór é m'ádh. Anois nó riamh an t-am chun éirighthe in aghaidh na namhad: sid é am is tráthamhla. Anois is riamh níor chaill sé an sprionnlaitheacht: leanann sí do shíor é. Má dheineas droich-imirt ar dtúis fuaireas an chúig dhéidheannach, ní fearr riamh é: réidhtigheann sé an cúrsa chómh maith díreach. "Ar imthigh an gearán úd díot fós?" – "fadó riamh": seal fada ó shoin. Fadó riamh budh chóra smacht do chur ort 'ná do cheann is do chosa ar fad do leigeant leat: is lán-mhithid thu do smachtughadh. Tar éis an bhladhgair is na fearaidheachta ar fad d'éist gach éinne riamh aca nuair hiarradh cé bheadh toilteanach lé dul i gconntabhairt: an uile dhuine aca. Anois nó riamh sin fuacht agat .i. aon amhras ní fhéadfadh bheith ina thaobh. "Bhíodar riamh mór", deirtear lé daoine go dtárluigheann rud báidheamhail eatartha gan choinne, cleamhnas nó tacaidheacht lé chéile in am gábhaidh. Rud atá riamh air é sin, níl aon leigheas aige ar a bhotún do dhéanamh: galar nách ó indé é. D'imthigh sé thar lear, riamh ó shoin ní bhfuairtheas a thuairsc beó ná marbh: ón uain sin go dtí so. Tá sé bocht dealbh anois cé ná raibh sé riamh mar sin: i gcómhnaidhe. An bhfuil aon scéal nuadh riamh agat, aon bhlúire riamh tobac, etc.?: aon phioc in ao'chor. "Cé tá ina chómhnaidhe san áit sin?" – "na daoine a bhí riamh ann" .i. iad súd is eól duit nó atá ann leis na ciantaibh. Táim marbh anois nó riamh .i. is beag an chao atá agam ar theacht suas. Anois foghlumóchaidh sé, tá múinteóir maith aige munab ionann is riamh .i. ach go háirighthe, ar a luighead. Riamh ó cailleadh a muinntir, níl sí sa mhaith chéadna: gan bheith ar fóghnamh i gcómhnaidhe leis an dtréimhse sin. Cé hé riamh a chuimhneóchadh ar a leithéid de bheart ghlic: dar leat ná cuimhneóchadh neach air. "Bhíodh airgead riamh aige" – "tá riamh imthighthe": tá an saoghal san imthighthe .i. níl faic anois aige. Riamh im bheatha níor bhuail teallaire umam is mó ná is déistinighe 'ná é: aon tráth dem shaoghal. Tá Dia riamh ann, is beidh choidhche: gan túis gan deireadh. Is é an máighistir ceann na scoile riamh: gach tráth: neach eile ach aige níl an chómhacht céadna. B'é a ghearán riamh ná fuair sé a dhóthain lé n-itheadh, níl san lé rádh anois aige, tá biadh ag dul tharais: gearán cómhnaidhtheach aige é. Ná bí ag brath orm-sa mar ná beadh aon rud riamh agam: choidhche: aon am. Dhearbhuigh sé riamh faid mhairfeadh sé ná labharfadh sé liom: choidhche. Dubharthas liom go mbeadh fáilte rómham an fhaid riamh is budh mhaith liom fanacht: pé faid geairrid é. Tá sé pósta leis an mnaoi is lugha riamh: bean an-bheag. Dá mbeinn ar an bhfear is fearr riamh gheóbhfí duine a cháinfeadh me: im thogha fir, etc. Bhí ag rith riamh leis go dtí so .i. is minic na cosa beartha aige leis as ghuais, ach tá a ghnóth déanta anois. Bhíodar riamh ó mhaidean ag feitheamh leat: ar feadh na haimsire sin ar fad. "Cad tá air sin? tá sé an-olc" – "galar riamh é sin" .i. tá béas déanta aige dhe san. Ní dheaghaidh fial riamh go hifreann: an té a bhíos fial ní baoghal do é. "Suidh is

ith" – "nách ag itheadh atáimíd riamh" .i. is minicighe ag itheadh sinn 'ná ag déanamh aon rud eile. Ag ól riamh is go deó: ag gabháil de gan stad ar bith.

rian: *f.1*. cómhartha, riasta, lorg, casán, bealach, slighe; goilleamhaint, cómhacht, cóiriughadh, órdughadh; gluaiseacht, luadar; luid, ádhbhar. Tá sé de rian ort gur beathuigheadh go maith thu, táir láidir, fuinneamhail: de chuma: de chómhartha: a chosamhlacht ort. Ní fheadar cad a bhí ná raibh ólta aige, ach ní raibh rian na dighe air, ní raibh groga ná tuiteam as, gleódh ná buirbe cainnte: cómharthaidhe gur ghoill sí air. D'aithnigh an seanduine go raibh a chuid móna dhá ghoid mar fuair sé rian bróg i mbéal a chruaiche: clódh bróg: lorg bróg. Riamh níor chuir sé roimis aon rud do dhéanamh ná gur fhág sé rian a láimhe air: cómharthaidhe gur deineadh saothar maith. D'fhág an madra rian a fhiacal ar mo láimh: lorg nó clódh na bhfiacal isteach sa chneas agus sa bhfeóil. Bitheamhnach áithrighthe dob eadh é go raibh rian a mhéar ag póilínidhibh gach tíre: an fhoirb, an clódh nó an lorg a fhágfadh a mhéireannta ina ndiaidh ar aon rud go dteangmhaidís leis. Fuair sí cath trom breóidhteachta is a rian uirthi fós: cómhartha gur ghoill sé uirthi. Mara leigfir don mhadra san fágfaidh sé rian ort: béarfaidh sé ort agus goirteóchaidh thu. Ní haon mhaith bheith ag lorg tobac, níl rian fágtha sa tsiopa: blúire beag. Ó, náire chughat! ná hól é go léir, tá tart an diabhail orm, fág rian (beag) éigin agam: blaiseadh: beagán de. Leanas rian an mhada ruaidh tríd an sneachtadh: na cómharthaidhe d'fhág a lapaidhe ann. I bhfoth-áit iargcúlta gheóbhfá fós riamh sean-thlachais mar bun falla, sprioc uaighe, nó a leithéid: comharthaidhe ón sean-aimsir. Rian fola annso is annsúd ar a chuid éadaigh ná féadfadh cunntas do thabhairt ann: cómharthaidhe fola: beagán fola. "Crosaire na gceithre rian" .i. in aice an Daingin mar a bhfuil cómhrac ceithre bóithre. T'anam 'on diabhal cad thárlaidh duit, níl do dheilbh san éadach! níl rian díot ann!: oiread is go mbeadh a chosamhlacht ann. Chuarduigheas gach aon bhall duit is rian díot ní fheaca thoir ná thiar: níor luigh mo shúil oiread is aon uair amháin ort. Lean ar t'aghaidh, béarfaidh san 'on chathair thu, táir ar an rian ceart: bealach, slighe, casán. An tráth go bhfuilim-se ag trácht air ní raibh treasna an cheanna ach rian caorach: casán. Rian scine é sin a chidhir treasna a leicne: marc nó riasta. Mar a chéile dhuit céaca culaith do chaithfir anois, leis an ndroich-cheann atá fachta aca, tá na cheithre cinn ar aon rian: ar an gclódh nó imtheacht gcéadna. Budh dheacair a rádh céaca a bhuaidhfidh, táid ar choimh-rian: cómh-tharrac: an fhaid chéadna chun cinn. Ghoid sé is d'fhuaduigh sé ar fhéad sé; níor bh'fhearrde é, níl puinn dá rian anois air: pé maith sealadach a rinne sé dho níl sé lé tabhairt fé ndeara anois. Bíodh an scéal ar fad agat, ní fear argóna me, agus b'fhada mar phaiste orm dul ar aon rian leat-sa: me féin do chur ar aon aiste leat. Marbh ag dathachaibh, gan siubhal, gan rian, gan choisidheacht ná luadar: an oiread san is go bhfágfainn cómhartha mo chos im dhiaidh. Má leanair air, táir ar an rian ceart: an bealach ceart. An té a leanas an rian díreach ní bheidh thiar air choidhche: beatha mhacánta gheóbhaidh sí a cúiteamh lá éigin. Oiread is rian iongan níor chuireas san arán .i. aon phioc de níor itheas. Thug sé aire do gach scilling dár thuill sé riamh agus a rian air indiu is é atá go maith as: is follus gur thug. Aon rian costais ní leanfaidh an turus orm, tá díolta asam: aon phingin. Seachain gan rian an Bhéarla do bheith ar do chuid Gaedhilge: tionchar: deasca: cómharthaidhe. Do dhuine ná fuil aon rian teagaisc air is iongtach go léir an tuigsint agus an mheabhraidheacht atá aige: aon chómhartha gur múineadh é. Leis an siubhal a bhí fén mbád lan-tseóil d'fhág sí rian san uisce ina diaidh: lorg: casán mar a raibh uachtar an uisce deighilte ó chéile. Ó chuaidh sé i mbun na

feirmeach, tá rian ag teacht uirthi: slacht is deallramh. Éinne dem aois-se go bhfuil a shiubhal is a rian aige mar tá agam-sa ní ceart do gearán: luadar gluaiste gan chabhair gan chóngamh. Cé ná fuairis rian dá dhuadh do fuairis mór-chuid dá thairbhe: aon phioc duaidh. Aon árus go bhfuil rian laistigh nó lasmuigh air glan é: salachar. Táimíd ag brath ar ár bhfear cinn riamh chun sinn do sheachaint ar an gcogadh so: ceann ródaidhe: treóraidhe. An fada go mbeidh sibh chun riain? tá sé in am anois: réidh lé gluaiseacht, rud do dhéanamh, etc. Má leanair ar bheith ag dul i luime is gearr bheidh do rian ar an dtalamh: ná beidh pioc díot ann. Ní haon tsalachar náireach é sin, níl ort ach rian do ghnótha: cómharthaidhe an ruda atá dhá dhéanamh agat. Tá a rian air go raibh gaoth mhór airéir ann, níl gas ós chionn cré ná fuil briste: a fhiadhnaise fágtha ina dhiaidh aice. Dein rian annsan don uisce go n-imthighidh sé: gearradh nó slighe. Rian an éin ar an gcraoibh, rian an éisc ar an uisce, rian fhir ar an mnaoi – nidhthe ná maireann .i. ní túisce ann iad ná imthighthe. D'fhágais rian t'eólais orm, is táim buidheach díot ina thaobh: do luigh sé ar m'inchinn agus is feárrde me é. Fágfaidh sé rian ina dhiaidh ar an gclódh is an fuadar atá fé: déanfaidh sé rudaidhe go mbeidh cuimhne ina dtaobh air. Nuair bhíos-sa in easbhaidh chóngaimh tú liom, beidh a rian air, má theastuigheann cabhair choidhche uait, mise an té a thabharfaidh duit í: beidh rud dá bharr agat. Is fiú ór thu, tá croidhe mór agat, is go raibh a rian san ort: (a) chonách san ort: a thairbhe go dtagaidh ort. Sa cheódh chuadhamair as an rian is chaitheamair seal fada amudha: as an mbealach ceart. Má fuairis tuiteam gráineamhail féin ná bí ag gearán, níl rian ort: aon chomhartha gur deineadh díoghbháil duit. "Cad tá ort?" – "níl rian orm-sa, ach mar bhíos riamh": faic mí-cheart. Fágfaidh sí siúd rian a teangan ort má chuireann sí chuige: ionnsóchaidh sí thu i slighe a luighfidh ort. Thabharfá fé ndeara rian an ghuil ar a haghaidh: bliocht: cómhartha go raibh sí ag gol. Sin fear go bhfuil rian a choda go maith air, tá sé cothuighthe, folláin: toradh an deigh-bhídh. Rian guail i muing, rian cairte i gclaidhe, rian céachda i gcrích – na trí cómharthaidhthe is sia mhaireann. Bí ag cainnt ar imireóir, dhein sé rian trí n-ar tháinig ina choinnibh: bóthar: leag sé ar gach taobh iad. Leigfead leat é an lá bhead gan tapa gan rian, ach go dtí san fanfair uaidh .i. an lá go mbead teipighthe is nách féidir liom a choimeád. Tá rian do thóna sa chlaidhe lé díomhaointeas: ionad nó cómhartha ó fhaid is bhíonn buailte ina choinnibh. Fágfaidh sé rian a thóna go maith mar a bhfuil sé, sara dtiocfad-sa chuige: beidh feitheamh fada aige. Dréir na bpáipéar tá na Gearmánaigh ag déanamh riain trís na Rúiseasuigh na laetheanta so: ag déanamh áir ortha. Dá mbeifí ag gabháil riamh ó shoin ar an gcarraig ní cuirfí aon rian uirthi: ní bhainfí blúire dhi, ná scoilt do chur innte. Má shiubhluighir aon rian níos tiugha ní fearrde do chroidhe é: an chuid is lugha. Rian eile ní raghad dá mbeadh is go ndéanfí géiridheacha dhíom: órdlach as an mball ina bhfuilim. Ní chuirfidh sé siar rian thu cabhradh linn: luid: pioc. A phóitire, glan do phus, tá rian leanna duibhe air: lorg: cómhartha follus gur ólais é. An rian céadna i gcómhnaidhe ní féidir é d'aithdhéanamh: an chuma chéadna ag caitheamh a bheatha. Rian ceart amadáin seadh bheith ag síor-chainnt: cómhartha cruinn. Dá dtuiteadh an t-anam as ná tabhair rian do!: faic!

rianach: *a.* lán de riantaibh, chasánaibh, etc.; deagh-aigeanta, so-ranna. Ní mór an duadh dhuit siubhal ameasc na gcnoc úd táid rianach go leór: casánach. Bhruicfinn féin is é féin choidhche lé chéile, fear rianach seadh é: lághach, so-ranna. Bheinn i bhfad 'si bhfad níos rianaighe leis dá mbeadh sé gan bheith chómh ceanndáine: níos ceannsa. Aicíd rianach

seadh an fliú, fágann sé iarsma éigin ina dhiaidh i gcómhnaidhe: iarsmamhail: leanann deasca é.

rianuim: (**rianuighim**) *b.a. 7 n-a.* cómharthuighim, sínim amach, leanaim, ríomhaim, dréachtaim, triallaim, taistealaim. Rianuigh an láthair in áit fhothaineamhail: sín amach: cómharthuigh. Ar rianuighis aniar ar fad indiu é?: ar thaistealais. Rianuigh leis an gcéachda an teóra idir roinnt an choirce agus roinnt na cruithneachtan: cómhartuigh: déin riasta: iompuigh fód. Aithnighim ar an mion-gháire atá ort go bhfuil cártaidhe agat a rianfaidh an cluiche seo: a ghoinfidh an cluiche: a bhuaidhfidh an cluiche trí gach cúig do thógaint in aon láimh. Rianuigheann sé peictiúiridhe is dréachta aite ar leacaibh na sráide lé cailc: ríomhann sé: tairngeann sé.

rianán: *f.1.* comhartha beag, fíor-bheagán, casán. D'fhan rianán siúicre ar thóin an phaca: fíor-bheagán: oiread is chlúdóchadh é. Thugas fé ndeara rianán seaca ar ghruadhannaibh an bhóthair tar éis na hoidhche: sceó: screamh éadtrom. Lé dúil i dtobac admhuighim duit gur chognuigheas go blasta an rianán brúscair de a fuaireas ar thóin mo phóca: ádhbhairín: salachar beag. An rianán is lugha do bheadh ar aon árus a chuirfeá ar an mbórd chuirfeadh sé fearg uirthi: can: salachar. Ólaimís an rianán atá ar thóin an tsoithigh, is ní mór é: an braon beag. Thugamair fé ndeara rianán ceóidh ag snámhcán leis aniar is gan aon deagh-chuma air: brat éadtrom. An rianán eolais a bhí agam ar an áit is na daoinibh tá sé imthighthe uaim toisc a fhaid ó bhíos ann: eólas ná raibh iomlán ná doimhin. D'fhág an bád lé rianán taoide thuile .i. bhí an taoide ina hearball. Níor mhisde dhuit an rásúr do chuimilt ded chorrán tá rianán (féasóige) air: gobadh beag: oiread agus tabharfí fé ndeara. Ní fuláir liom nó bhí an diabhal buidhe ólta aige airéir, tá rianán na dighe fós air: cómhartha a deasca. Níor mhór an chabhair chun meabhruighthe ameasc na raingléise an rianán gealaighe a bhí ann: beagáinín. Leanas rianán an mhada ruaidh trís an sneachtadh go dtána go dtí n-a phruais: an lorg d'fhág a chosa ann. Éinne go mbeadh rianán céille aige ní thaidhbhreóchadh ar a chuid airgid do chur ar iontaoibh dhuine ná feacaidh sé riamh roimhe sin: an chuid is lugha. Dá mbeadh rianán gaiste fén ndoras thabharfadh sé breis chrota air: ádhbhairín, sceó beag éadtrom.

rian-bharc: *f.1.* long a ghníos iomraimh mhóra. Rian-bharca na bóchna ag seóladh go portaibh i gcéin.

rianta: *a.r.* cóirighthe, sínte amach, léirighthe, réidh, ullamhuighthe; gointe. Tá againn sa deireadh, táimíd amuigh as an achrann ar an mbóthar rianta: réidh, sleamhain, mín: bóthar an ríogh. Mo ghradhain do chuisle! tá an cluiche rianta agat cé go raibh gach éinne ag imirt ort: gointe: buaidhte ina scríb do thógaint gach cúige. Bíodh gach rud réidh, rianta agat ar maidin i gcóir ár dturusa: socruighthe, cóirighthe, curtha in eagar cheart. Beidh moill ortha tosnughadh ar thógáil, níl an talamh rianta fós aca chun na láthrach: scartuighthe. Sid é do chuid-se den dtalamh rianta annso dhuit fé chlaidhe: roinnte, deighilte ó chuid gach éinne eile.

rianughadh: *f.* (*-uighthe*) cómharthughadh, cóiriughadh, léiriughadh, goineadh, taistealughadh. Ag rianughadh na talmhan ina láthaireachaibh tighthe: ghá riastáil: ghá síneadh amach. Ní mór treó an bhóthair do rianughadh ar dtúis sara dtosnuightear ar é do

dhéanamh: do riastáil is do shíneadh amach a fhaid is a leithead. Níl a mháighistir ag imirt ar bórd chun cluiche do rianughadh: é do ghoint: gach cúig d'fhagháil diaidh ar ndiaidh ar an láimh gcéadna. Caitheann na tuinncéiridhe an bhliadhain ó cheann ceann ag rianughadh leó ó cheanntar go ceanntar: ag taisteal.

riar: *f.1.* lón, dóthain; fóghnamh, freastal, roinnt; ceannas, smacht, déanamh, stiúrughadh, cóiriughadh; dualgas, cúram; ughdarás, cómhacht, riaghalughadh; toil, mian, intinn, meón. Ná bí beadaidhe, ná déanfadh riar gach éinne eile thu, cá bhfuil do bhuannacht ar malairt riair?: déanamh: cóiriughadh: an tabhairt agus fagháil a gheibheann duine ó chách. Ná tabhair droich-riar dod chuid éadaigh: droich-cheann: bí aireach: ná bain earraidheacht mí-cheart as. Bídh ag riar na feóla ortha faid bhead-sa ag fagháil na coda eile den bhéile: ag tabhairt a choda féin dos gach éinne. Go ndéintear riar comhthrom ar an ndéirc seo mar is mó duine dá héileamh is gábhtaraighe 'ná a chéile: dáileadh: a roinnt ina ceart. Ní ag caitheamh a chuid airgid atá sé ach ghá riar: ghá chaitheamh gan suim ina thábhacht ná aon chuimhneamh aige air féin. Tabhair an riar ceart ar an obair, is gheóbhaidh gach éinne seal uirthe: an roinnt cheart. Budh mhaith, fuaimeantamhail an fear do dhéanfadh sé ag riar aon ghnótha phoiblidhe, toisc a thuigseana is a chuid eólais: ag stiúrughadh is ag treórughadh. An cath atá dhá riar san Rúis anois áirmhightear go bhfuil sé ar an gcath is fuiltighe agus is dásachtaighe dár cuireadh riamh: dá chur is dá threórughadh dréir ealadhan cogaidh. Nách mall atáthar leat, cé tá ag riar ort?: ag freastal. Bheadh a fhios agat go fíor-mhaith deacracht maireachtainte san tsaoghal atá ann dá mbeadh ort riar ar lán tighe de chlainn: biadh is éadach do sholáthar dóibh. Níl orm riar ar éinne ach orm féin, ní fheadar an bhfuil an saoghal chómh maith agam: neach do chothughadh, etc. Is pras tapaidh an buachaill ar cúl conntabharthach é ag riar ar dhaoinibh: ag freastal ortha. Orm-sa bhíonn riar na maidne do dhéanamh, bíonn ar an gcuid eile aca luathughadh chun oibre: rudaidhe do nighe is do ghlanadh is do chur i dtreó. Ná fág riar na hoidhche anocht fé mhargadh an lae ambáirigh .i. pé cóiriughadh, glanchar nó gastacht atá lé déanamh déintear é, ar eagla gur ciotaighe ar maidin ambáireach é. Maoidhfead, seadh, gur duine réadh-chúiseach me ná hiarrann riamh ach riar mo ghábhaidh: mo thómas: dóthain mo ghanntair. Is iongtach a bhfuil de thíorthaibh fé riar ag an nGearmáin anois: fé smacht: riaghlughadh. Má fhágair fé n-a réir siúd é beidh thiar ort, mar ná fuil aon eólas aige ar é d'ionnramháil: fé n-a chóiriughadh, a bhainistidheacht, a órdughadh. Rudaidhe anois fé riar an riaghaltais toisc an chogaidh ná raibh roime sin: fé n-a smacht: cómhacht ar a scaipeadh, a luach etc. An riar riaghaltais atá ag Sasana ar an iasc ag dul go Lonndain fáth ná fuil breis luacha air: cómhacht dlighe chun an luach is uile do choimeád fé n-a smacht. D'aithneófá ar an iomchar atá fé gur buachaill gan riar (air) é: smacht. D'éirigheas as fadó riamh, níor bh'aon mhaith do bheith leis, d'imthigh sé ó riar ar fad: tar teórainn deigh-iomchair agus ó chómhairle leasa. Ag déanamh do féin anois, tá sé ó riar: thiar an tráth saoghail go mbeadh smacht muinntire air. Ní thagann an saothar so fén riar chéadna lé scéalaidheacht: fén roinn chéadna. Lámh ná ladhar ní bheidh id riar agam: id stiúrughadh, treórughadh, nó in aon rud a roinnir nó a dháilir. Fágaim gach aon rud annso ar do riar-sa, mo shúil go dtabharfair aire mhaith dho: do chur: chun déanta leis mar is áil leat. Gan riar gan órdughadh gur imthigh an tigh chun an phota: riaghlughadh. Dréir (do réir) mar chloisim beidh athrughadh dhá dhéanamh ar threórughadh an tsiopa so sara fada: sin é tátall do bainfí as an gcainnt atá air. Dréir úghdair áirighthe tá an caisleán os chionn chúig

céad bliadhain: mar shuidhid. Tairng dréir a chéile ar an dtéid mar tá sí lag, nó brisfir í: go cómhshnámhthach: gan stracadh obann do bhaint aiste ná ionnramháil a bhascfadh í: in ionannas. “An é do thuairm go mairfidh an cogadh so tamall maith?” – “dréir deallraimh” .i. níl a mhalairt d’fhuadar fé. Dréir do chainnte-se níl éinne macánta ar an gcáin chaile atá tugtha agat ar chách: ar do chainnt-se do bheith ceart etc. Dréir mar tá sé ag dul in aois tá sé ag dul i liaithe: lé gach lá breise athruigheann an liaithe. Dréir a chéile is iad an fhoireann iad is fearr ag dul ar chródh na himeartha: gan puinn deifridheacht eatartha maidir lé feabhas imeartha. Déineann sé dréir a choinnsiais, gan báidh gan léith aige lé neach: mar spreagann a choinnsias é: amhlaidh mar tuigtear do do bheith ionraic, díreach. Connus eile bheadh sé ach fealltamhail nár chualaís riamh, “gach cath do réir a chinéil”? .i. ag leanamhaint a dhúthchais. Tabhair do-san dréir mar oirfidh do, ní dréir mar iarrfaidh sé: an oiread bheacht is bheidh ag teastáil uaidh – gan faic fé ná tharais. Dein é sin, ach deirim-se leat ná beidh sé dréir do dhúthchais: ná réidhtigheann sé leis an mianach atá ionat ód mhuinntir. Dréir na saosúr athruigheann an fás: atharrach aiste aimsire atharrach aiste ar an bhfás. Dréir na seachtmhaine seadh díoltar me: an áirighthe sin airgid sa tseachtmhain. Cad fhéadfainn do dhéanamh ach tabhairt dréir mo ghustail: i slighe go mbeadh ar mo chumas. Dá ndéineadh gach éinne dod réir-se (dhréir!) b’ait an saoghal é: aithris do dhéanamh ort. Níor dhein a gclann riamh dá réir (ndréir!), is a rian ortha, leanadar a srón féin: níor chóimhlíonadar a dtoil ná a gcómhairle. “Má thagann an gluaisteán, téighir air, mara dtagann, siubhal é, ach bí ann” – “bíodh san dréir mar bheidh”: .i. fanam go bhfeiceam. “Déanfaidh sé árd-fhear, is é fuadar atá fé é” – “dréir mar éireóchaidh leis é sin” .i. muna n-éirigheann aon iomard neamh-dheallramhthach do. An soiscéal dréir Naomh Eóin: mar tá suidhte aige ina scríobhnóireacht. Ní dod réir (dhréir) in ao’chor do léigheann sé: níl aon chosamhlacht eadraibh. Dréir a chéile a déintear na caisleáin: smut anois is smut airís. Sin scéal atá dréir a chéile go maith: leanann sé a chéile go sásamhach. Dréir Dé anois fiafruigh díot féin an bhfuil an ceart dhá dhéanamh agat faillighe do thabhairt id mhuirear?: mar theagascann Dia. Dréir Dé is duine is eól dúinn go léir go ndeárna sé mí-cheart go toilteanach: bhris sé dlighe Dé agus duine. Is minic nách dréir mar thugaimíd do gheibhimíd: ná faghaimíd an oiread is bhíonn tuillte againn. Aon cheal níl air sa tigh úd, tá biadh dá réir aige: biadh ar chuma ná fágann aon chúis gearáin. Sin go leór aráin agat, is ím dá réir: a dhóthain mór ime ag dul leis. Éadach galánta air is mara bhfuil hata is bróga dá réir air ní lá fós é: a théigheas leó: atá ar aon dul maidir lé feabhas is crot. Ní mór ná go bhfuil ár gcuid airgid caithte againn, dá réir caithfeam “fuinneadh dréir na mine”: ar a shon san is éigean dúinn gan caitheamh ach mar fhoidhneóchaidh an sparán é. Budh ghalánta an fear é sarar phós sé, ach tá sé beartha ar a réir féin ge n-a mhnaoi, anois tá sé chómh sprionnlaithe lé cníopaire: fé n-a cómhacht: ar rian a tola ar fad. Dréir mar árduigheadh sé nó ísligheadh sé a ghuth dhéininn-se an rud céadna: leanainn a ghníomh. Cá bhfuil na daoine go léir do bhíodh dod réir nuair bhí gustal agat?: ar do chur: réidh, ullamh do thoil do dhéanamh. Más fíor dréir mar tá agaibh táthaoi an-bhocht: mar tá ráidhte oraibh. Áit bhreágh chun laetheanta saoire do chaitheamh ann dréir na haimsire: bheadh san ag brath ar an aimsir amháin. An chróidhlidhe sin ann, tá san dréir dúthchais aige: is dual do í: téigheann an mháchail sin leis an bhfuil ann. Ní dréir feabhasa ach dréir léighe a théigheann furmhór nidhthe maithe an tsaoghail seo .i. ní hé an té is fearr tréithe a cúitightear go minic. Tabharfaidh an Tighearna don gcinidh daonna dréir mar gheall Sé dhúinn: díreach mar, gan aon amhras.

Ars an seanduine, “cuir an t-uisce ar an min dréir nótaidhe is ná bíodh sí ró-fhliuch agat”: mar oirfidh di.

riarach: *a.* ceannsa, tláith, géilleamhail, subháilceach, freastalach. Má bhí lámh riarach ag fear riamh, tá sí aige, ní obfadh sé aon rud is a bheith aige: fial, flaitheamhail. Duine ró-riarach ar fad é chun bheith i mbun tighe tábhairne thaithigheann barránaigh chliste: ró-bhog, ró-thláith. An uile shórt lé n-itheadh go riarach ann: flúirseach is réidh. Is riaraighe do bhím leó ’ná bhíd liom, is mó a thugaim uaim ’ná gheibhim: géilleamhla, ceannsa.

riaradh: *f.* (*-rtha*) d’fhreastal, (do) riaghlughadh, (do) chóiriughadh, (do) roinnt, (do) ghéilleadh dho, (do) smachtughadh. Chómh buidheach dá chéile is go mbíd ag riaradh a gcoda lé chéile: ag roinnt: i gcuibhreann. Cé bhíonn ag riaradh na dighe sa tábhairne seo? friotháladh sé!: ag freastal. Ceapaimís fear riartha bídh ó táimíd ar an gcaol-chuid is nách fuláir dúinn do bheith aireach: duine lán-chómhachtach chun a ranna. Droich-riaradh na dúthaighe budh bhun lé héirghe amach na ndaoine i gcoinnibh an lucht ceannais: an droichshlighe do treórughadh is dírigheadh a cúrsaidhe. Is iomdha oidhche dhubhach caithte go haonarach agam ag riaradh mo bhróin: ag bruic nó ag foidhneamh leis. “Mar a mbeidh talamh íseal is féar ag mo bhoin is mo bhean féin ag riaradh ar bórd orm”: ag freastal. Is deacair an oiread san tíortha neamh-mhuinnteardha do chongbháil fé riaradh: smacht is géilleadh. Toisc teirce mórán rud fé láthair agus a deacracht gannaidhe lán-riachtanacha d’fhagháil thar lear tá ar an Riaghaltas riaradh do dhéanamh ar thé, íle is rudaí eile: mír áirighthe do chur i dtómas gach caonaidhe lé haghaidh aimsire áirighthe. Bean mhaith riartha ó choláisde cailínidhe: bean a stiúrfadh is a stiúróchadh cúrsaidhe na háite. Mo riaradh do bheadh uaith, an eadh? go bhfuilir chómh mursanta: mo riaghlughadh: me do bheith féd smacht is toil.

riaraidhe: *f.4.* duine a riaras, a chóirigheas, a roinneas, nó a stiúruigheas. Riaraidhe tighe chómh cruinn is tá sa chonntae í sin, is beag rud a leigeann sí ar bóiléagar ná ar neamh-nidh: ceann maith tighe. Á, is iongtach na riaraidhthe atá ar a n-arm súd, ar a fhusa aistrighid armáil is lón cogaidh ó bhall ball: bainisteóiridhe: stiúrthóiridhe. Riaraidhe maith os chionn an leabharlainn, aon leabhar ná páipéar a theastóchadh uait budh gheairrid do mhoill ag feitheamh leis: duine atá ábalta ar nidhthibh do chóiriughadh in eagar is in órdughadh mhaith. Is uathbhásach an riaraidhe ar airgead thu; an bhfeadrais in ao’chor cad is luach do?: ionnramhálaidhe gan fuaimeant. Ná bac san, tá riaraidhe ar an ndomhan so ná himthigheann aon rud i nganfhios do is a dhéanfadh subháilceas ded bhrón ar phrap na súl: stiúrthóir.

riaraidheacht: *b.3.* cóiriughadh, dáileadh, do chur in ionad is do choimeád fé smacht, cúram riarthóra. Is áidhbhéil an riaraidheacht atá in aon arm gur féidir leo oiread tíortha do riaghlughadh, lón agus armáil do ghluaiseacht ó bhall ball agus cathanna fuilteacha do chur: cóiriughadh órduightheach lé haghaidh gnímh áirighthe. Bheadh sé ina dhóirneálaidhe mhaith dá bhfaghadh sé an riaraidheacht cheart, oireamhnach: stiúrughadh is treóir. Aon eagla easbhaidh bhídh ní gábhadh dhúinn do bheith orainn má déintear an riaraidheacht cheart air is gan é do leigeant ina roilleach, ná breis is a chion do thabhairt d’éinne: an ionnramháil riachtanach i mbroid. Ar aon rud ní ghlacfainn orm riaraidheacht

bídh, mar táim deimhnightheach ná féadfainn a roinnt ina cheart ná go comhthrom: a thabhairt amach don sluagh. Fágtar gach aon rud fé n-a riaraidheacht is ní bheidh neach chun cinn ná chun deiridh ar a chéile aige, fear ceart, díreach é: a smacht agus a shlighe chun ranna is ionnramhála.

riaraim: *b.a.* friothálaim, freastalaim, roinnim, cóirighim, ionnramhálaim, stiúruighim, scapaim, géillim do;; cuirim fé ghéilleadh, claoidhim, soláthruighim. Riarfad a bhfuil agam oraibh, agus ní bheidh sibh sásta: roinnfead: tabharfad cuid do gach nduine agaibh. Go riaraidh Dia na Flaithis leat: go dtugaidh Sé ionad duit ann. Riarfainn leis an té a riarfadh liom: thabharfainn roinnt dem chuid don té a dhéanfadh an céadna liom. Ró-fhial, ró-rabairneach riarfadh sé a mbeadh aige: thabharfadh uaidh do mhórán. Riaraimís ar na boicht is cúiteóchaidh Dia linn é: tugaimís dár gcuid dóibh. Riartar an obair eadrainn: roinntear. Sé saghas duine é go riarfadh sé an saothar ach ná riarfadh an luach saothair: ná scarfadh lé cuid de. An Úcráin chómh saibhir sin go n-abartar go riarfadh sí cruithneacht dos na milliúnaibh: go soláthróchadh dóibh. Riar orainn, agus brostuigh go múcham ár dtart: freastal deoch ar gach duine againn. Riarfad ortha mar riarfaid orm: an déanamh a gheóbhad tabharfad uaim. A Dhia mhóir na n-uile-chómhacht, riar an trócaire orm .i. bí trócaireach liom. Riar an ghlóire orm: beir na flaithis dom. Chuardófá cuid mhaith sara bhfaghfá neach a riarfadh an dúthaigh chómh maith leis an riaghaltas atá agat anois: a riaghalóchadh: a dhéanfadh dlighthe chómh maith agus a chuirfeadh i bhfeidhm iad. Gan chosc gan bac gan taise do riaradh sé a thoil orm is me ina lúib: chuireadh i bhfeidhm orm í. Na poibleacha go léir atá fé smacht an duine seo an dóigh leis go riarfaidh sé iad?: go gcoimeádfaidh fé n-a chómhacht iad chómh mór san is go mbeid umhal do. Téighir díom, a bhodaigh tíoránaigh, fágaim fé Dhia thu a riaras an uile rud fé dheóidh: a chuireas fé smacht is riaghail an saoghal uile. Ná bí choidhche im aghaidh, riar dom uair éigin, is tabhair subháilceas dom i ndeireadh mo shaoghail thiar: géill dom: tair liom. Dá cheannsa is dá ghéilleamhla do bheifeá leis ní riarfadh leat ar aon toisc tá sé chómh ceanndáine sin: ní aontóchadh leat: ní bheadh fonn teacht leat air. Riarfainn eadraibh dá mb'fhéidir é ach ná fuiltí féicheamhanta claoidhe: shócróchainn nó réidhteóchainn eadraibh. Riarfaidh Dia fós leat-sa gach éagcóir atá déanta agat orm: socróchaidh Sé leat go gcúiteóchair leis iad. Riarfadh sé an greim déidheannach leat .i. duine fial. Riar leat é, ní hé mo chuid-se é: scaoil uait go bog é.

riaráiste: *f.4.* iarraga; dualgas gan cóimhlíonadh. An riaráiste a bhí aige orm lé fada dhíolas go macánta leis é: an t-iarraga: na fiacha gan íoc. Níor maitheadh an riaráiste cíosa dho is ní raibh i ndán é d'íoc, tugadh taobh na súgán den dtigh do: an méid a bhí gan íoc gan cúiteamh. Beidh orm oibriughadh déidheannach gach lá d'iarraidh breith ar an riaráiste oibre atá tuitighthe orm: an obair atá dulta gan déanamh agam.

riartha: *a.r.* roinnte, dáilte, soláthruighthe, cóirighthe, stiúruighthe (stiúrtha), freastaltha, tugtha amach. An biadh go léir riartha, gan oiread is an brúscar fágtha, gan aon radharc ar thalamh ná seól in amharc ghlac anamhóin sinn: an chuid dhéidheannach roinnte orainn. Is lán-olc atá do bheatha riartha agat, is beag rud ná beadh ar do thoil is ar do chur agat dá dtugtá aire dho, anois níl oiread agat is bheárrfadh thu: cóirighthe: stiúrtha. Hé annsan! níl riartha agat orm-sa fós: freastaltha: pé nidh atá uaim níl sé tugtha dhom. Na leabhartha riartha chómh maith san ar na siolpaidhibh ná raibh aon duadh aon cheann aca

d'aimsiughadh: socruighthe in eagar: cóirighthe. An t-arm chómh riartha san chun catha gurbh eól dóibh ón gceann urraidh go dtín saighdiúir singil cad budh cheart do dhéanamh le linn an bhroide: cóirighthe roim ré i slighe go mbeadh gach caonaidhe rann-pháirteach in aon chúram mór amháin. Bíonn gach aon rud chómh dian-riartha san aca gur leasc deacair leó a riaghlacha do bhriseadh d'éinne: fé threóir riaghlach is tola. Dá mbeadh an t-airgead so riartha eadrainn againn bheadh deireadh againn i rann-pháirtidheacht: an chuid féin roinnte ar gach éinne. Ní deacair do bheith riartha leis, duine réadh-chúiseach, neamh-thóirtéiseach é: réidhtighthe. Dá mbeadh an obair riartha do raghadh gach fear i bhfeighil a choda féin: a chion de tugtha lé déanamh do gach duine. Is aindeis atá do bheatha riartha agat, is iomdha cao bhreágh ar dhul chun cinn go bhfuil faillighe tugtha agat ann: stiúrtha, treóruighthe. Budh cheart duit do bheith an-bhuidheach de, tá riartha go maith aige leat agus ort: ar gach cuma déanamh maith tugtha aige dhuit. Solas is teas an tighe riartha agam ionnas ná beidh doircheacht ná fuacht agaibh!: cóirighthe: crích cheart curtha ortha.

riarthach: *a.* roinnteach, fial, tabharthach, rannach, réidhtightheach. Gheóbhair síntiús uaidh aon lá ar son carthanachta mar tá croidhe riarthach aige: tabharthach: preabamhail chun maitheasa do dhéanamh. Daoine riarthacha muinntir an tighe sin ní obfaidís an biadh ort ná ní eiteóchaidís thu ar aon rud a bheadh aca: rannach: fial, preabamhail. Níl an dream san chómh so-riarthach is budh dhóigh leat é, coimeádaid greim daingean ar a mbíonn aca: laimhthighiseach fé n-a gcuid. Bíodh súil riarthach agat ar an dteaghlach so, tá mór-chuid ag imtheacht lé fán ann trí fhaillighe is mhanaois: súil aireach, stiúrtha. B'éigean dúinn scaramhaint, cé gurbh oth liom é, mar bhíomair do-riarthach lé chéile, rud éigin do shíor ag teacht eadrainn: cuibhreann ná rann-pháirteachas ní fhoidhneóchaimís.

riarthach: *f.1.* roinnteóir, dáilteóir, fear tugtha amach, smachtóir. Cuirtear an lón bídh fé chúram riarthaigh eolgaisigh is ní baoghal go mbeidh easbhaidh ar éinne: duine a choimeádfadh a scaipeadh fé n-a smacht is a dháilfeadh é mar oirfeadh sé.

riarthóir: (**riaruighthóir**) *f.3.* cómhachtóir, riaghaluightheóir, dáilteoir. "Creidim i nDia, an t-athair uile-chómhachtach, cruthnuightheóir, riaruightheóir neimhe agus talmhan etc.": riaghaluightheóir: an té go bhfuil árd-chómhacht aige a thoil do dhéanamh mar is áil leis féin. Droich-riarthóir scoile dob eadh é, ní choimeádadh sé aon tsmacht ar na scoláiridhibh: duine go raibh cómhacht aige is ná baineadh áis cheart aiste. Moladh is céad míle buidheachas leis an riarthóir atá ós ár gcionn go léir (tar éis altuighthe nó lé linn tabharthais éigin d'fhagháil). Fágaim fén riarthóir an chuid eile, tá mo dhícheall déanta agam-sa: an té gur fé atá gach nidh. Ná bac san má tá easbhaidh anois féin orainn, ní fhágfaidh an riarthóir siar i gcómhnaidhe sinn: Dia. Ní ceal ná easbhaidh lóin a bhí ar an áit ach ceal riarthóiridhe: daoine chun a thabhartha amach.

riarughadh: *f.* (*-uighthe*) stiúrughadh agus smachtughadh, ceartughadh; treórughadh. Chómh luath agus bheidh riarughadh déanta ar ár dtigh nuadh, aistreócham ann: gach rud curtha i dtreó san ionad cheart. Aon tsaghas riaruighthe nílir ábalta do dhéanamh ar an mbiadh, tá an chuid is mó dhe ag imtheacht gan mhaith: a choimeád in órdughadh cheart: a choimeád i bhfóireamh a chéile gan roileach. D'éirigh lé clainn an tighe sin agus é tuillte aca, sin é riarughadh a bhí ge n-a muinntir ortha: treórughadh leasa agus iomchair.

Déin riarughadh ar an gcré ar an iomaire – cuid di is an iomarca uirthi, a thuilleadh dhi gan faic: í do chur in ionannas uirthi. Fé riarughadh an chaptaen seadh bhíonn gach long, níl dul thar n-a bhreith: stiúradh: ionnramháil. Chuaidh díom aon riarughadh do dhéanamh eatartha, bheidís ag achrann dem aindeóin is b'éigean dom a gcaitheamh amach trí n-a chéile: socrughadh, síothcháin: réidhteach. Ar an riarughadh céadna atáid ag obair i gcómhnaidhe, gan aon athrughadh: órdughadh. Gan báidh gan leithleachas gheóbhair riarughadh gach éinne eile annso: déanamh: cóiriughadh. In áit ná bíonn an riarughadh ní bhíonn an rath: in áit ná déintear órdughadh is smacht do choimeád ní bhíonn éirightheach. D'imthigh a clann ó n-a riarughadh tar éis báis a fir: smacht. Ó sé a thoil é téigheadh sé ar a riarughadh féin: déineadh a thoil féin.

riasc: *f.1. 7 3.* talamh sléibhe, talamh móna (fliuch, bogach) gan cur, sraith. An riasc .i. ainm fearann-bhaile atá briste isteach as shliabh. Drom an Riaisc: droch-thalamh an shlios ar fad, níl ann ach riasca. Beidh obair an riasc san do threabhadh: talamh righin-fhódach, préamhach gan chré.

riascach: *a.* bogach, sléibhtheach, móinteamhail, righin, garbh, fiadhain, ruaidhteach. Talamh riascach nách mór a dhiúgadh is a bhriseadh is a leasughadh go maith sara dtugaidh sé toradh: mianach sléibhe. Capaill fhiadhaine ní threabhfadh é leis an gcroiceann riascach atá air: righin, doi-dheighilte. Feirm riascach ná fuil oireamhnach d'aon rud ach do chothughadh .i. atá deacair lé curadóireacht air. Tigh i lár riascaigh is fuar 'sis scéirdeamhail é a ionad: talamh íseal sléibhe, puill is uisce go minic lé fagháil ann.

riascamhail: *a.* go mianach an riaisc. Talamh riascamhail: bog go mianach móna.

riasclach: *f.1.* talamh bog tais go mianach móna, righin-chroicinn.

riasta: *f.4.* síog, riabh, feárna, rian mar fhágadh buille lé lasc nó bata, lorg mar fhágfadh céachda tar fóid d'iompódh, reang, méiscre mar bheadh tar éis créachta. Tá fós, is beidh choidhche riasta mar ar stialladh leis an sciain treasna na leicne é: méiscre nó rian cneasuighthe. Na riastaidhe a bhíos i muineál tairbh cómhartha nirt is bríoghmhaireachta seadh iad: na rianta a bhíos idir na rocaibh. Tá riastaidhe it éadan ó bheith ag machtnamh: síogaidhe idir rocaibh. Deineadh riasta treasna an riaisc nuair bhítheas ar tí na talmhan do stráiceáil: iompuigheadh fód feadh na talmhan chun a chómharthuighthe. Cois na gclathach a chaithis an oidhche id chodladh? tá riastaidhe seilimididhe ar do chuid éadaigh: "bóithre", rianta: lorga. Nár dhiail an buille do bhuail an long leis an bhfuinneamh a bhí fúithi gur fhág sí riasta isteach sa chloich dhuibh, chidhfeá annsúd an áit gur baineadh plannc amach as: rian: marc. Budh náireach an rud do bheith ag gabháil ar an ainmhidhe bocht go dtí go raibh riastaidhe chómh reamhar lém mhéir ar a sheiche: reangaidhe árda. Ag caitheamh léimeach dúinn dhéinimís riasta sa talamh lé sáil na bróige mar chómhartha gur annsan d'éireóchaimís den dtalamh: gearradh: an chuid ghlas den bhfód do bhaint. Tarbh mór róin go raibh a chorp uile lán de riastaidhibh ó bheith ag bruighean: rianta cneasuighthe na gcréacht ó róintibh eile. Muna leigir dom-sa, adeirim-se leat go mbeidh riastaidhe ort im dhiaidh: cómharthaidhe mar a ngoirteóchad thu. Fuair na spéaclaidhe seo droich-earraidheacht, tá riastaidhe ortha, is olc do chidhfeá leó: mar

bheadh scríobacha. Cuir riasta sa drithle mar a leathfar síol na dteornapaidhe: stríoca tríd an gcré. Is annamh riamh a chonnac bó dhonn is riastaidhe dubha innte: síogaidhe, stríocaidhe (malairt datha). Mar ar ghaibh na trucailidhe móra troma tríd an dtalamh d'fhágadar riastaidhe ina ndiaidh: gearraidheacha. Ní lé haois ach lé brón is anacair atá na riastaidhe seo im aghaidh: ruic fhada, throma: filltidheacha. Déin riasta lé béal na ráinne mar a dteastuigheann uait an láthair do bheith: "deargadh" éigin ar an dtalamh glas.

riastach: *a.* rocach, cómharthuighthe, síogtha, marcálta, riabhach, méiscreach, bolgach. Ubh gleóidhte riastach a bhíonn ag an éan úd: síogtha(ch): go mbíonn stríocaidhe ann ar malairt datha leis an mbun-dhath. Is cuimhin liom anois agus choidhche an aghaidh áluinn riastach a bhí ag an dTurcach úd in aois a chéad go leith bliadhan: rocach: reangaidhe uirthi is stríocaidhe eatartha. Carraig árd atá riastach ó shín is ó mhuir gur dhícheall dhuit siubhal uirthi: méiscreach: géar, is gearraidheacha innte. An ghloine riastach ó bheith ghá láimhseáil: baill uirthi.

riastáil: *b.3.* do chur chómharthaidhthe ann, filltidheacha; d'iompódh fóid báin; "leabharughadh". Ag riastáil na talmhan in iomairidhibh .i. fód do bhaint is d'iompódh béal-fé lé céachda nó lé ráinn. Bhídís ag riastáil a chéile go mbeid cortha, ní haon phioc dem chúram-sa teacht eatartha: ag smísteáil is ag cur marc ar a chéile. Lá riastála: lá ag iompódh fód: ag leabharughadh na talmhan. Tá riastáil an domhain ar do chroiceann, ní fuláir nó fuairis bualadh gránda uatha: cómharthaidhthe goirtighthe.

riastálaidhe: *f.4.* duine a riastálas. Riastálaidhe maith capaill .i. a fhanas díreach ar an scríb. Ní haon "riastálaidhe" dona é .i. tá sé go maith chun dulta i gcóir a choda.

riastálaim: *b.a.* iompuighim fód ar scríb (ó cheann ceann an méid a bhíos lé cur); "marcálaim" an talamh; leabharuighim; léasaim. Riastáladar a chéile ó thalamh, ní lugha 'ná tháinig éinne eatartha: bhuaileadar is d'fhágadar rian a mbuillidhe ar a chéile. Céachda is ní rann is fearr a riastálfadh an talamh san, tá an croiceann préachach, righin: a "dheargóchadh" é.

riastálta: *a.r.* cómharthuighthe, iompuighthe (fód), méiscrighthe. Is beag d'aithneóchadh anois me, tá m'aghaidh chómh riastálta san tar éis na bolgaighe: cómharthuighthe. Talamh riastálta lé haghaidh prátaidhe do chur: sínte amach ina iomairidhibh (leapacha). Fód so-riastálta.

riastradh: *f.* (*-tartha*) fionnach, buile, báine. Go saoraidh Dia sinn, tháinig an riastradh air ná féadfí dul ina ghoire: fionnach, an bhuile mhór.

riastuighim: *b.a.* cómharthuighim, "marcálaim", cuirim rian (corpardha) ann (ar). Riastóchair an síoda san má bhír ghá láimhseáil chómh minic neamh-aicillidhe: fágfair rian nó can do mhéireann air. Ar a fhaobharaibh agus uatha isteach ar a cliathánaibh do riastuightí an ogham chraobh ar an ngalán: do ghearrtí isteach 'on cloich í. Gach amus a gheibhimís ar an máighistir b'sheo linn – do riastuighimís ár n-ainmeacha isteach sa suidheachánaibh: ghearraimís lé sciain. Riastóchaid a chéile leis na sceanaibh mara stadtar iad: gearrfaid: cuirfid rianta i gcneas a chéile. Baineadh is leagadh me ameasc na

gcarraigeach leis an bhfarraige is níor fágadh órdlach dem chroiceann nár riastuigheadh: nár cuireadh cómhartha, nó rian dubh, gorm nó brúighte air. Riastuighimís an áit go suidhfeam ár mbothán anairte: cuirimís cómhartha talmhan ann. Riastuigh an bhróg mo shál toisc a cumhainge, táim bacach: bhrúigh is bhris an cneas.

riastuighthe: *a.r.* cómharthuighthe, "marcálta", síoguighthe. Féach mo lámh riastuighthe ag an mbuille (de) théid do thugais dom: fústaidhe curtha uirthe. Dá mbeadh an talamh riastuighthe thosnóchainn ag leasughadh: sínte amach ina iomairidhibh. Is iomdha eascal a rug ortha, is iad atá go riastuighthe, na carraigeacha céadna: garbh, méiscrighthe ag an sín.

ribe: (**ruibe**) *f.4.* dias, léas, guaire, ceann amháin den mbruth (fionnadh) a fhásas ar cheann duine nó ar sheithe ainmhidhe; duilleóg féir, arbhair etc.; féasóg; gaiste déanta de mhuing capaill, earball bó, cairche etc.; fionnach, buile; clódh, deallramh, cosamhlacht; giobal, pioc, luid; deireadh na scríbe; teóra fulaing etc. Maol glan chómh lom ó ribe lé croidhe mo dheárnan: oiread is aon "chos" amháin fionnaidh nó gruaige ar cheann. Ribe féir níl ag fás ann: aon luid in ao'chor. Mara dtógair as san an stoc ní fhágfaid ribe ann: lomfaid go cré é. Cad chuir na ribidhe san ím? nách salach an ionnramháil do fuair sé: fionnadh. Ní dhéanfadh bearradh aon dochar duit tá ribe tiugh ort: go leór féasóige. Stol is strac an gála na seólta, níor fágadh ribe lé chéile díobh: d'imthigheadar ina ngéiridheachaibh. Níl aon deagh-ribe fén lá indiu, tá sé "lán" thiar is fuacht nimhe ann: níl aon fhuadar maith fé ná go mbeidh sé fiadhain, feannaideach. An ribe atá air, tá fuinneamh ann .i. an clódh, an deallramh is an t-imtheacht. Cad tá air a chuireann an ribe malluighthe air?: cad tá ag baint de gur follus ar a dhriuch go bhfuil sé go mío-shásta ina aigne? Ná bí ag cainnt, a dhuine, tá ribe ar gach aon phioc de: cuma anamamhail, mhear air. Éinne riamh níor bhuail liom go raibh ribe chun oibre air mar tá air: fuadar: dícheallacht is guilm. Níl aon deagh-ribe ar an gcogadh so anois, is ag dul i bhfíochmhaire chun a chéile atáid: gach aon deallramh is gaol aige le dul i ndásachtaighe leis an aimsir. Dhéininn is me im gharsún súil ruibe d'earball bó nó muing capaill chun breac do ghabháil: gaisce: lúb rothaigh. Súileanna ruibe chun beartha ar choinínidhibh: lúbanna rothaigh de chairche lag, líomhtha. Cuir díot an ribe, níl neach annso a raghaidh chun cocaidheachta leat: an líonrith, búithré chun troda. Chómhaireóchainn go dtín ribe déidheannach ar son mo choda sara leiginn lé héinne í: throidfinn faid agus bheadh aon troid ionam. Chuadhas go dtín ribe air, mhuis, cé nár éirigh liom: an-gheairrid don mbuaidh do bheith agam. "Má bhíonn tú súighte, brúighte, marbh, tnáidhte/ ó shughadh na n-ubhall gcumhra is aon leanna láidir/ glac-sa chugat más fonn leat teacht id shláinte/ ribe de chlúmh na con san lár n-a bháireach": braon den ndigh do bhreóidhtigh thu. Séamas an ribe: seach-ainm; fear go mbíonn an ghruaig claon lé seasamh air, nó ná luigheadh lé cíoradh ná eile. Cuireadh an oiread san scannraidh orm gur sheasaimh gach aon ribe gruaige ar mo cheann: gur éirigheadar anáirde díreach lé suathadh. "An ólann sé?" – "ribe beag anois is airís": fo-bhraon. Cuir ribe san áit cheart ar an stoca: slat nó buinne árduighthe. Brughadh is briseadh a raibh de ruibidhibh sa bhád nuair stiall an fharraige i gcoinnibh na talmhan í: na cuar-adhmadaidhe aníos ó chíle go gunail ar a mbíonn an plannc táirngeálta. "Buige lé buige go mbrathair an duine/ mar ghearrfaidh sé chughat, gearr-se chuige/ is dá scoilteadh sé an ribe é do scoltadh ina choinne": dá mbeadh sé dian ort a bheith dian air. An oiread san faobhair ar an sciain go ngearrfadh

(scoiltfeadh) sí an ribe!: faobhar nimhe. Ní raibh an ribe eatartha, budh dheacair a rádh céaca b'fhearr: leathad an ruibe. Tá ribe ag teacht ar an lá: é ag dul ar bun: ag boirbiughadh. Cuir díot an ribe: an fuadar fiadhain. Ní lia ribe im (ar mo) cheann 'ná é curtha ar a shúilibh do agam go raibh sé i gconntabhairt: go minic, minic. Cíor siar na ribidheacha atá anuas ar do shúilibh. Níl ach ribe fáin orm: táim maol nách mór. Ruibe ruaimnighe: ceann ("cos") amháin den ndlúimh fionnaidh a fhásas ar muing nó ar earball ainmhidhe. Buachaill go bhfuil ribe ar gach pioc de: fuinneamhail, fadhartha. Dá stracfí as a chéile anois me ní chorróchainn ribe dhíbh: aon luid: aon chos liom. Is ionann cómhairle do thabhairt do mhnaoi bhuirb nó buille ruibe ar iarann fhuar: an luigheachán céadna do déanfaí ortha. Dá (mbudh) me thu tábhacht ribe ní chuirfinn i dteangain mná buirbe: oiread is dhéanfadh cailleamhaint dias féir, etc. dhuit.

ribeadh: *f.* (**ruibeadh**) (*-bthe*) do ghabháil i ngaiste, i ndol; do bhreith ar. Ag ribeadh bhreac: ag breith ortha lé súil ruibe do chur siar thar a gceann is crothadh obann do thabhairt di ionnas go bhfáiscfeadh sí. Ná fóill anois me, tá deabhadh an diabhail féin orm d'iarraidh an traen do ribeadh: breith uirthi: teacht in am chun dul uirthe. Is iongtach an duine thu chun rud do ribeadh, ní bheifeá dhá lá as obair nuair gheóbhfá adhmannas: d'aimsiughadh sa lorgaireacht. Bímís ag ribeadh linn, tá sé ag dul i ndéidheannaighe: ag luathughadh ar ár mbealach.

ribeach: *a.* guaireach, stróichte, buinneach (cnotáil); nimhne, fuar. Anoir dtuaidh is adtuaidh díreach, do gheóbhfá an aimsir ribeach: síor-fhuar. Maidean ribeach fan istigh: go ngeobhadh an fuacht tríot. Bír chómh ribeach lé cách nuair bhíonn fearg ort, níor bheag agat dul chun achrainn: claon lé droich-mhianach. An fheóil ribeach so, ní fhéadfainn léi: nár scriosadh de ghuairidhibh. Im ribeach: go mbeadh ribidhe tríd. Cuir uaim anois, ná bí ghod mholadh féin, táir chómh ribeach lé cách, níl aon bheith ort seachas éinne eile: oiread locht ort. Leadhb de hata ribeach air a bhainfeadh gáire asat mara mbeadh aindeisighe an té go raibh sé air: gioblach, stróichte. Collach ruadh, ribeach go raibh cuma colgach air: go raibh na guairidhe go flúirseach ina seasamh air.

ribeanta: *a. n-dh.* órnáideach, maisighthe. Hata ribeanta lé cleitidhibh móra, bána uirthi: maisighthe. Tugann na búclaidhe airgid cuma ribeanta ar a brógaibh: órnáideach: cuma shlachtmhar, shnasta ortha.

ribhéar: *f.1.* inbhear; béal abhann i gcómhrac na mara. Ribhéar Luimnighe! choidhche airís ní raghaidh báid ó Dhún Chaion tríd ag triall ar shalann. I mbéal an ribhéir: idir an dá chnuga talmhan is sia amach ag teanntughadh na habhann.

ribeóg: (**ruibeóg**) *b.2.* táith shingil ghruaige ar sileadh, giobas, riobas; dual etc. Fágadh ribeóg ar shlinneán deas na caorach ar mbearradh dhi chun a haitheantais: dual nó loca mar bheadh lán duirn. D'imthigh mo chasóg bhaistighe ina ribeógaibh nuair strac an gluaisteán feadh na sráide me: ina géiridheachaibh, stráicidhibh caola fada. Mairnéalaigh ón bhFrainnc go mbíodh ribeóga ar a mbairéadaibh: órnáid shilteach mar loca snáithín scaoilte. Is neamh-ghasta atá do chuid gruaige ribeóg anuas go súilibh ort: stuaic scagtha: neamh-thriopallach.

ribeógach: *a.* stolta, giobalach, stróicthe, stuaiceach, scáinteach. Ná téighir ar scoil, a leinbh, lé ceann ribeógach mar é sin gan cóiriughadh gan cíoradh: an folt soir siar. Balcais ní raibh air tar éis na coille ag géagaibh crann ná raibh ribeógach ar sileadh leis: giobalach. Bairéad gorm, dearg-ribeógach: dual beag snáithín ar a mhuinice (muince). Cuid des na mnáibh óga is bíonn a bhfolt ribeógach mór-dtímcheall a gcinn le faobhar an hata: ciumhais déanta dhi.

ribín: *f.4.* feamnach dubh (earraigh) a baintear le sceanaibh is corránaibh mar fhóleasughadh; bata a theanntuigheas sciathán ughamach, stráice fada caol d'adhbhar mín mar síoda; incil, luid, géire. Scaoil an ribín, d'oscail an sciathán is d'imthigh an mhóin fén dtalamh: d'imthigh an greim den mbata coimeádta. Ruibínidhe feamnaighe duibhe is maith iad mar bhun-leasughadh san earrach anuas ar an dtalamh fuar. Is mór go leór na crans atá ar a hata aice lé n-a bhfuil de ruibínidhibh air: maisiughadh lé stráicidhibh fada caola ina stroill leis. "Ruibínidhe seadh iad!" deirtear lé mnaoi nuair bhíonn mór-chuid díobh tímcheall a hata is a cuid éadaigh, ghá chur i gcéill go mbíonn sí gabhtha go gréagach nó go péacach. Dhein an madra ruibínidhe dhem chasóig sarar fhéadas í d'fhuascailt uaidh: giobail: géiridheacha. Ruibínidhe tugtar ar na lataidhe fada adhmaid a cuirtear lasmuigh des na fonnsaidhibh ar nadhbhóig feadh n-a faide idir iad agus an anairt. Níor fágadh oiread agus ribín lé chéile den mbairlín: luid, pioc; blúire beag.

ribíneach: *a.* stractha, stróicthe, stolta; go ribínidhibh. Hata ribíneach go mbeadh ribínidhe tímcheall a mhullaigh is ina stroill ina dhiaidh siar síos. Iomaire ribíneach: go mbeadh feamnach dhubh leathta uirthi. Tá a bhalcaisidhe chómh ribíneach le culaithirt bhacaigh: stróicthe. Carraigeach ribíneach: go mbeadh feamnach fhada ag fás uirthi. Chuirfinn ort ruibínidhe síoda.

ribleach: *a.* fada, stroilleach, slaodach, achrannach, aimhréidh. Luigh an coirce nuair ghaibh sé an t-uisce, bhí sé ró-ribleach: fada, marbh, lag. Dá mbeadh sé chómh pras lé héan tá imtheacht ribleach fé: mall, righin, sroilleamhail. Ní thuitfeadh sé uait mara mbeadh an tslighe ribleach a chuiris chun a ionnramhála; tú féin is do ladhracha gan anam: aindeis, neamh-phraitineamhail. Is olc an ceangal atá déanta ar an arbhar, gach punann de ribleach: neamh-ghasta curtha lé chéile is cuibhrighthe. Mara mbeadh an siubhal ribleach atá aige budh chórach an fear é: ná beireann a chosa go gasta den dtalamh leis.

ribleach: *f.1.* aon rud ina shraith fhada, duine nó ainmhidhe fada, caol, aon rud in achrann. Ribleach capaill ná fuil cruinn chun teacht tímcheall: fada, aindeis. Ribleach fir ná féadfadh a bhuillidhe do chur i luighe gaibhte ar an bhfear eile: neamh-chruinn, útamálach toisc a aoirde. Réidhtigh-se anois an téadán so ós tú a dhein ribleach de: a chuir in achrann é. Tá ribleach ar an snáithín seo, bain as na castaidheacha: achrann: snaidhmeacha is aimhréidheacht. An ribleach, ní fhoghlumóchadh sé choidhche rud do dhéanamh ina cheart: duine neamhghasta a leigeas nidhthe trí n-a ladhrachaibh mar gheóbhadh uisce.

ribleachán: *f.1.* namhad talmhan, duine neamh-chruinn, neamh-ghasta. Aon iontaoibh chun ruda do dhéanamh ní headh é, ribleachán ná cuimhnigheann is ná féachann roimis:

duine neamh-aireach. Ná féachfadh an ribleachán roimis is fios do bheith aige cá gcuireann sé a chos: duine manaoiseach. Ribleachán caorach: go mbeadh a cuid olna ar sileadh léi. Ribleachán capaill: gioblachán. An ribleachán: duine nó ainmhidhe neamhchórach.

ríceach: *f.1.* scraiste, raille, scaoinse. Cuireadh lé dochtúireacht é is do theip air, agus le múinteóireacht is b'é an scéal céadna aige é, is dá gcuirtí lé fiche rud eile é, ina ríceach bheadh sé choidhche: scraiste neamh-maitheach do féin. Ní bhéarfadh sé ar ráinn ná ar shluasaid, ar pheann ná ar leabhar ach ina ríceach ó thigh tábhairne go tigh tábhairne: scraiste: scaoinse ná déanfadh faic do féin ach ag tnúth ar chách. Gheóbhair rícigh uile na cathrach 'na seasamh ag Gallán Neilsean is a ndrom lé falla aca: na daoine nár chuir crích oibre, gnótha ná gairme riamh ortha féin. Gach ríceach aca ag faire ag an gcúinne ar dhuine éigin do ruibeadh: cladhaire díomhaoin, drochghnóthach, leisceamhail.

ríd: (**raoid?**) *b.2.* buinne, sruth. Ríd aighnis is fearr atá agat is ní haonnidh eile: flúirse chainnte is beagán gnímh. Tá ríd aighnis aice chómh mór (maith) is tá ag éinne i gCúige Mumhan, 'sis mór an focal é: sruth cainnte: buinne fúithe pé rud go labharfadh sí air. Ní hé go bhfuil sé ag cainnt ach de leanbh óg mar é is iongtach an ríd atá aige: buinne cainnte. Cuir uaim an ríd ach innis dom cad tá uait: ná bac lé bheith ag déanamh óráide ina thaobh. Tugann an deoch ríd do: breis dá chainnt.

ridire: *f.4.* fóghantaidhe saighdiúra ag ríogh, nó uasal céimeach; treóntaidhe talmhan go mbeadh gabháltas aige ó dhuine dob aoirde, is go mbeadh air dul ar pháirc an bhuailte ina dhuine deagh-armtha; duine a gheibheas céim onórach mhileata ó ríogh; de ghnáth, duine a saoghaluigheadh uasal, etc. Seo chughainn an ridire gan gháire: deirtear lé duine nách féidir greann ná seódh do bhaint as: duine dubh, dorcha. Im bhothán ar thaobh bealaigh is iomdha ridire róid a chasadh isteach chugham, go minic tugtha, tnáidhte ge n-a shíor-thaisteal: fear siubhail: duine a chaitheas a shaoghal ag siubhal roimis. Tá mo thriall ar ridire na rásúrach chun an clipe féasóige seo do spealadh: bearbóir. Choidhche i gcuideachtain buineannach do gheóbhfá é nó ag cainnt ortha, an ridire ban is mó sa chathair: fear go mbíonn dúil mhór aige i gcómhluadar ban. Claidhe, gleann, baile etc. an ridire: a bhain leis: a thóg sé nó gur chómhnuigh ann. Gheóbhair ridiridhe an óil bailighthe ann an uile oidhche sa chúl-áis: iad so gur gnáth leó ól do thaithighe. Ná tuigtear duit ar feadh leath-nóiminte go mbeinn-se im ridire agat: im sheirbhíseach nó im fhreastalaidhe táir ort. An dtáinig ridire an asail fós (le greann): giolla an asail. Isteach leat chun ridire na mbróg go ndéanfaidh feighre dhuit: gréasaidhe. B'é ár dtigh-ne, is cuimhin liom, log bailighthe ridiridhe an róid, thagaidís chughainn as gach áird is budh mhór é a gcuid eachtraidhthe: lucht siubhail: fánaidhthe a chaitheadh a saoghal ar bóthar. Maoin is gustal aige go bhfuil sé isteach 'samach le bheith ina ridire san áit: duine mór-thábhachta trí strus an tsaoghail. Má tuigtear duit go mbeinn-se im ridire agat ar do chur is ar do bhéic tá dearmhad mór ort: bais chait: giolla.

ridireacht: *b.3.* aiste, clódh, seirbhís airm nó éirim ridire. Go mbeinn ag déanamh ridireachta dho b'fhada mar phaiste orm é, cá bhfuil an bhuannacht orm-sa?: bheith im ghiolla aige: ar a chur pé uair budh mhaith leis é. Bronnadh ridireacht air: deineadh ridire dhe.

rígh-, ríogh-, rí-: *i gcfhbh.* árd, sár, príomh, ar fheabhas, etc. Ní fhéadfá-sa ná éinne eile me do bhréagnughadh ina thaobh ná radharc mo shúl do bhaint díom, ná fuil ríogh-aithne agam air: chómh maith agus b'fhéidir do bheith. Ní raghfá tharais d'áit tá sé go ríogh-áluinn: sár-áluinn. Budh bhreágh leat bheith ina chuideachtain, tá ríogh-aigne aige: aigne uasal. Ríogh-ádhbhar bróg buan an leathar-san, brath an tathnag atá ann: árd-mhianach leathair. Buidheachas mór lé Dia, is fada gur bhraitheas chómh maith, táim ar ríogh-aiste: sláinte mhaith agus meisneach maith ag duine chun a choda do chaitheamh. Ríogh-aistear Bhriain ó Thuadh-Mhumhan go Cluain Tairbh: turus ríogh, go na chomplachtaibh is a shluaightibh. Ná bí ag cainnt air, a dhuine, bhí ríogh-aimsir agam ina measc, b'é budh bheag leó a bhféadfaidís do dhéanamh dom maidir lé deagh-úramh: seal aoibhinn, subháilceach. Cómhnuigheann sé fén dtuaith tamall den mbliadhain agus thar lear, ach is in Áth Cliath atá a ríogh-árus: a phríomh-áit chómhnaidhthe. Sheasófá sa tsráid dá suimiughadh tá an oiread san de chuma na ríogh-mhná uirthi: bean fhíor-mhaiseamhail. Dá mbeifí ghá cháineadh choidhche ríogh-bhaile seadh Daingean Uí Chúise bheadh na trucailidhe fáilte rómhat ann is gheóbhfá ionnramh cóir: baile éachtach, maith. Bíodh sé olc nó maith lé daoinibh eile, agus taithnígheadh sé leó, ach im thuairm-se gur ríogh-bhleaigeárd é: ceann tógtha gur deacair dul tharais. Connus tá gach ríogh-bhall ded chorp: ball córach, uasal. Machtnaimh ar bhinne is mhíne a chuid filidheachta, ríogh-bhárd seadh é: gur deacair locht d'fhagháil air. Is ort-sa a bhí an ríogh-bhaiste, bhítheas i gcomhgar 'si gcéin air: baisteadh éachtach. Ná créid an deicheamhadh cuid dá chuid maoidhimh, ríogh-bhladhgaire seadh é: duine ná beadh aon teóra lé maoidheamh aige. Tabhair dom a thuilleadh den bhfeóil sin tá ríogh-bhlas uirthi: sár-bhlas, sóghail, milis. Is agam-sa atá an aithne ríogh-bhlasta ar an mbitheamhnach san, níl feadh ina chorp nách eól dom: go fíor-mhaith. Tá ríogh-chártaidhe agam dá dtiocfadh ionta; cuireataidhe, bainrightidhe, is righthe, lámh ríogh-chartaidhe: cúig cinn aca. Dhera, cad é! thugais ríogh-chainnt do, a dhuine, is feárrde choidhche é: cainnt iongtach. Ní cortha táim ach ríogh-chortha: cortha amach 'samach. Ná bíodh aon náire ort, tá sé déanta go ríogh-cheart agat: go sár-mhaith, agus mar tá cuibhe do dhéanamh. Má tá ceann aca in ao'chor ar an saoghal so, is rígh-dhiabhal é, níl aon rud ar olcas ná go ndéanfadh sé: ceann críochnuighthe. A ríogh-dhalta, suidh láimh liom, is aoibhinn liom do chuideachta: a dhuine fhíor-ionmhain. Is ríogh-dhanaid liom nách féidir liom cóngamh do thabhairt duit is a fheabhas ataoi ina ghábhtar: cuireann sé brón go fírinneach orm. Ó, mhuise, is minic me ag athchairt ort bheith aireach, is ríogh-dhána an duine tu ná féachfadh rómhat: ró-dhána ar fad. A chara na ndrólann, tá rígh-dhílseacht ag baint let uile-ghníomh, níor chlisis riamh in am na broide: sár-dhaingean i mbáidh, i mbuantseasamhacht. Mo thuairm ná féadfainn aon rud do chur isteach id cheann cipín, is ríogh-dhúr an mac thú: dall, mall ar rud do thógaint id cheann. Níl máille den ngluaisteán san ná go bhfuil curtha go ríogh-dhaingean lé n-a chéile: go sár-fháiscighthe, do-scartha. Bean ríogh-dhathamhail a mheallfadh croidhe aon fhir: árd-mhaiseamhail. Ach! clipeann sé me, an fear céadna, teastuigheann uaidh go haon rud bheith déanta go rígh-dheas lé n-a chairéis: breis agus deas. Lé ríogh-dhúthracht dá thír d'éaluigh sé as ghabhann trí huaire chun fillte uirthi is troid airís di: dúthracht thar barr. Riamh níor bhuail liom aon bheirt dreathár a bhí chómh rígh-dheifreach i meón is i ndeallramh, níor dhóigh leat go raibh aon ghaol eatartha: éagsamhail ar fad ar fad. Déintear aithris anois ar shaothar do ghéag más féidir leó é, tá sé rígh-dhéanta agat: go hiongtach lé feabhas agus go hiomlán. Ar an bhfód go bhfuil an

cath diabhail uathbhásach so dhá chur tá rígh-dhíoghbháil dhá dhéanamh dos na daoinibh: uathbhásach. “Bheinn rígh-dhílis”, ar seisean, “don té is fearr do bheadh dom”: an-dhílis ar son a bhfaghadh agus a mhinicighe. Cuirim mo ghlaic id ríogh-dhóid: id láimh dhúnta: uasal. Budh ríogh-dhual duit bheith go maith, is é dlúth is ineach do cuireadh fút é: bhí sé de mhianach fola agus feóla ionat go daingean ón dá thaobh. An lá árduigh an bás leis é, d’árduigh sé ríogh-dhuine leis: togha duine. Ná bíodh aithreachas ná cnáimhseán ort, cheannuigheas rígh-each ar an airgead: dóthain ríogh: each iongtach ar mhaise is ar fheabhas. An té a thug a bhád fé thuinn isteach tríd an achrann líonta, fionnraighe is áthraighe cogaidh a bhí ar a thí, rinne sé rígh-éacht: gníomh áithrighthe. Cad dob áil leat ag tormas ná ag cníopaireacht, ná fuil rígh-éadach ort, a dhuine: éadach ar shár-fheabhas. Ar mh’anam mara mbeadh an rígh-easnamh atá orm, agus creid me leis, ná beinn ag lorg ort: fíor-easnamh. Aon am a thiocfaidh sé ann gheóbhaidh sé rígh-éisteacht uatha: éisteófar go haireach is go fonnmhar leis. Rígh-eochair léighinn a inchinn, níl teóra lé n-a bhfuil d’eólas is d’éifeacht bailighthe innte: stiúradh is múineadh ina chloigeann. Is agam-sa atá rígh-eólas ar gach lúb ina bholg san, agus is fada buidhe go leigfinn do bob do bhualadh orm ná amus chuige: eolas cruinn, ceart, neamh-mhearbhallach. An fiolar rígh-éan na spéire: ceann na n-éan i neart ’si meisneach. Rígh-fhear má saoghaluigheadh riamh duine aca, a leithéid de chroidhe, d’fhéile, de charthanacht is de mhaitheamhnachas: sár-fhear: fear thar barr ar fad. Nuair bhíonn braoinín thiar aige bíonn sé ag éileamh go bhfuil ríogh-fhuil ann féin: go dtagann sé de threibh go raibh righthe uirthi tráth. Ná bíodh aon dochma ort bualadh isteach chucha beidh ríogh-fháilte aca rómhat: fáilte mar cuirfí roimh cheann corónach. Ó chonnac go déidheannach tú tá ríogh-fhás déanta agat, nách mór go n-aithneóchainn thu: fás iongtach. Is mór é a chuid foghluma agus léighinn, tá sé rígh-fheasach: fios foirbhthe, éachtach aige. I dteannta foghluma do bheith air, tá ríogh-fhoghluim na nádúra air: an fhoghluim is fearr agus is iongtaighe ar fad. Gach aon tsúil anois go dtéarnóchaidh sé lé cabhair Dé, tá rígh-fheabhas indiu air, tá a aithne is a úrlabhra tagtha dho: feabhas an-mhór: “luach bó” d’fheabhas. Ní dhéanfainn amhras díot, do dhóthain do bheith agat in ár gcóir tá an ríogh-fhlúirse riamh ag baint leat: flúirse gan doicheall. An dtiocfad an eadh? is orm atá an ríogh-fhonn teacht: fonn mo chroidhe. Bocht, dealbh, claoidhte bhíos an lá thugas ádhbhar airgid dom, do rinne sé ríogh-fhóirthint orm: sár-chongamh is fuascailt. Cad a bheadh ag mo leithéid-ne d’aineólach lé rádh i láthair na rígh-fhriotal líomhtha so: bréithre uaisle. Ná bíodh aon eagla ort go mbeidh easbhaidh ná moill ort, déanfad-sa rígh-fhreastal ort: friothóilt ar fheabhas is ar luas. Lá ríogh-fhuar gaoithe anois d’fheannadh thu: fuar-nimhneach. An dóigh leat go mbeinn ghom chur féin fé chomaoin ag an spreallaire sin mara mbeadh an fíor-ríogh-ghabhadh atá orm. An meas is an tóirtéis go léir tá fúithi, nach í atá go ríogh-ghabhtha: gléasta go gréagach. Seadh, mhuis, cuirimís uainn argóint, ach mara bhfuil sé ag bualadh air tá sé rígh-gheairrid do: an-athchomair. Sin í an bhean ríogh-ghasta ná leigfeadh cúram a tighe leis an sruth: sár-chúramach: aireach, braithteach. Budh dheacair locht d’fhagháil ar an slighe a dheinis é sin, bhí sé go rígh-ghlic: gan locht ina dhéanamh. Ríogh-ghlóire na bhflaitheas go bhfaghair as a bhfuil de mhaitheas déanta agat dom: áilne suidhte is aiste ar neamh. Is taithneamhach do ríogh-ghnúis d’fheicsint aon am: aghaidh uasal, gan cómhartha na sprionnlaitheachta innte. Deirim-se leat má thug duine riamh ríogh-ghoradh féin lé teine gur thug sí dhi féin leis an réidhleán teine, go raibh a loirgne breac go maith: teas maith. Léan ort mar bhás, is me go bhfuil an rígh-ghreadadh fachta agam uait, a raibh sa tsaoghal agam árduighthe chun

siubhail agat: céasadh gan truagh. Níor bh'fhuraiste a dhéanamh níos fearr, tá sé go rígh-ghreanta id dhiaidh: go sár-mhaiseamhail taithneamhach. Is iomdha rud cóir ar do rígh-inntin dá mbudh mhaith leat a scaoileadh chughainn: inntin árd, uasal, foghlumtha. Is fada ó chuala aon rud dhá aithris chómh maith, tugadh rígh-innsint ar gach aon rud mara thárlaidhe: innsint a chuir síos go beacht, cliste ar ar thárla. Cuimhnighimís ar an rígh-íodhbairt a dhein Críost ar an gcrois chun sinne do shaoradh ó dhamaint shíorraidhe: íodhbairt iomlán gan leithleachas. Is fada a bhí ag rith leis is a gcuireadh sé de ghuais is de chonntabhairt air féin, ach tá rígh-iomard anois air: iomard ar an móir-mhéid. Is me atá go sásta lém thurus, mar is me do fuair an rígh-ionnramháil ann: úramh ar fheabhas. An saoghal mór ní chuirfeadh ina choinnibh me tá rígh-iontaoibh agam pé rud atá ag baint de fé láthair go mbeidh an buaidh aige sa deireadh: iontaoibh iomlán ó chroidhe amach. Má dhéanfadh biadh is deoch é, is aoibhneas, bhí ríogh-lá fén dtuaith againn: árd-lá. Buidheachas mór do Dhia táim go ríogh-láidir: go han-mhaith. Cuir annsan do ríogh-lámh nár cionntach riamh lé holc: lámh ró-fhiúghantach. Déanfaidh an teine sin ríogh-lasair fós ach cothughadh do coimeád uirthi: lasair a shásóchadh éinne. Sin rígh-scéal cúmtha agat a thabharfaidh saor thu: árd-leathscéal. Bead go ríogh-lághach leis d'fhonn é do bheith buidheach díom: an-chneasta, an-chaoin. B'fhearr liom 'ná ór na cruinne go mbeadh ríogh-luadar m'óige agam: an luas is an fuinneamh éachtach a bhí ionam. Budh chóir duit aithne ríogh-mhaith do bheith agat ar an alfraits sin is gan leigeant do a mhéar do chur féd shúil: aithne cheart is gan é do dhéanamh amadáin díot. Ríogh-mhadra a bhí againn, dhéanfadh sé aonnidh dob fhéidir lé madra do dhéanamh: madra éachtach ar gach slighe. A ríogh-mhaighdean! cad tá ar an mbreallsún san ag siubhal treasna na sráide fé léith a bhuailte: a mhaighdean is iongtaighe. Is baoghalach liom agus is oth liom a rádh leat go bhfuil sé ina ríogh-mháighistir ort ar eólas ar an dteangain sin: go mór is go fada níos fearr 'ná tu. Ní dhéanfair aon ríogh-mhaiseadh do bheith ag cur dighe i gcoinnibh a thola air .i. déanfair a dhíoghbháil go mór. Ríogh-mharcach dob eadh é, bhí ainm anáirde leis an méid rás a bhuaidh sé is an tslighe ionnramháladh sé capaill: b'é a máighistir go léir é. Ní dhéanfadh éinne beart chómh hiongtach ná chómh conntabharthach léi ach fear a bheadh ar a ríogh-mheabhair: ghá thagairt atáim ná féadfadh sé bheith ar meisce, mar deirtear, ar an uain: in iomláin a mheabhrach. Thiocfadh sé ó aon bhualadh nó iomard, cá ngeóbhadh a rígh-mheanma?: an inntin san spirid choingheallach doi-stríoctha. Ní beag aice siúd í féin, tá rígh-mheas aice uirthe féin: lán de thóirtéis is d'éirghe anáirde. Mar gheall ar an mbeart fhearamhail atá déanta agat bheadh rígh-mheas choidhche agam ort: an meas is mó is féidir. Thabharfadh sé aonnidh uaidh indiu a loirgeófí air tá sé ar a rígh-mhéinn: gnaoi cheart. Tabhair moladh do Dhia gur thugais na cosa leat, do bhí ríogh-ádh leat: ádh iongtach. Dá aindeóin a raghadh sé ar lár, ní lé ceal meisnigh é ná a dhícheall do dhéanamh. Tá an rígh-mhianach ann: an mianach ceart. Lé n-a rígh-mhíne ní chuirfeadh sé bráigh ar rud beó: fíor-cheannsacht. Thabharfainn mo ríogh-mhóid do is ní chreidfeadh é, tá sé chómh doi-chreidimh sin: mo bhriathar dearbhtha. Ní dhéanfaidh an ríogh-mholadh atá ag Sasana uirthi féin an gnóth dhi, caithfidh sí gníomh éigin do dhéanamh: an moladh go cannaibh na gréine. Níor laochas do maoidheamh as ar bh'fhéidir leis do dhéanamh, agus chuige sin atá ríogh-mhúineadh dhá fhagháil riamh aige: sár-mhúineadh. Budh dheacair teacht eadrainn anois táimíd ríogh-mhuinnteardha lé fada riamh dár saoghal: árd-mhuinnteardha. Deir an Ghearmáin gur cuma cé throid sé ná nár throid sé féin gurb í Sasana a ríogh-namhaid: príomh-namhaid: is mó agus is fíochmhaire. Is rígh-néata na hearraidhe a chidhfeá i bhfuinneógaibh na príomh-chathrach: déanamh iongtach,

gleóidhte ortha. Ná bí chómh rígh-nimhneach is go sáidhfeá duine, cúis nó gan chúis: olc mór do bheith istigh agat do dhuine. Is ríogh-olc an obair a dheineann an gabha céadna, ní dócha gur measa in Éirinn í: an-olc ar fad: go haindeis. Idir theagasc is chothughadh gheibhid ríogh-oileamhaint sa bhaile: aireachas ar gach nídh a bhíos ag teastáil uatha: idir bhiadh is léigheann is mhúineadh. Cuireann sé aoibhneas orm do rígh-phearsa d'fheicsint: colaid taithneamach go mbíonn iomchar uasal fúithi. Dar léi, níl aon rígh-phéarla mná sa dúthaigh ach í: bean áluinn ná beadh a cosamhlacht choitcheann. Ríogh-phósadh: pósadh cinn corónach. Táir ró-ríogh-rábach léd chuid airgid, ní fada bheir ag cur críche air: caithteach, scaipightheach ar fad ar fad ar fad. An ríogh-rath go gcuiridh Dia ort gach lá éirighir ded leabaidh, go deó ná raibh easbhaidh ná brón ort: barr áidh. Rígh-réidhe go ndéinidh Dia ar gach cruadhtan a bheireas ort: réidhteach nó fuascailt iomlán. Ríogh-reacht: órdughadh ón ríogh go mbeadh cómhacht na dlighe aige. Ná bíodh aon ríogh-smacht agat air éinne, seadh is buidheachaighe beifear dhíot: smacht ró-mhór. Tá rígh-sheasamh aige chómh maith is chonnaic mo shúil riamh ag fear: seasamhach, fearamhail. Cheap sé ó chuir sé chuige chómh moch go mbeadh ríogh-shaothar déanta aige: sár-shaothar: oiread is gurbh iongtach é. Ní fhéadfam an scéal so do scaoileadh tharainn mar dhéanfá "gabhaim siar", rud ríogh-thábhachtach dúinn seadh é: tábhachtach amach 's amach. Nách é Dia a bhronn an ríogh-thabharthas is aigne chómh sochma san do bheith aige: tabharthas nár bh'fhéidir teacht anuas air. Is beag coinne a bhí ag éinne go ndéanfá filleadh choidhche, tá rígh-theacht déanta: teacht nách aon náire teacht do thabhairt air. Dhein sé ríogh-thagairt duit gur fearrde thu: tagairt mhaitheasach. Bhíomair ag ríogh-thafant ortha teacht, ach ní chuirfidís cor díobh: ag tafant ar ár ndícheall. Deineadh ríogh-thafant bídh air, ach níor bh'aon mhaith bheith leis ní shuidhfeadh sé chuige: oiread agus b'fhéidir. Nuair chidhfeá an t-aindeiseóir is an droch-chlódh a bhí air thiocfadh ríogh-thruagh agat do: cómhbáidh mhór. Beidh ríogh-thoradh sa dúthaigh ambliadhna lé cóngamh Dé ar a bhfuil fé churadóireacht: sár-bharraidhe. Tá sé ina ríogh-uan anois ó bheith chómh fada fé n-a mháthair: uan mór, groidhe i gcómhnáird leis an dtuairm a bhí dho. Níor chuala riamh ag cainnt ort é ná go raibh ríogh-thuairm aige asat: lán-ghéilleadh ge n-a aigne go rabhais ar fheabhas. Aon dearmhad níl orm ná gur b'é a bhí ann, fuaireas ríogh-amharc air ón áit go rabhas im sheasamh: amharc gan chosc gan chonstaic. Sid é an rígh-theaghlach, isteach leat: mo phálás-sa. Ní haon ríogh-ughdar mise ná mé ghá éileamh, ach brathaim deimhnightheach ná seasóchaidh an cogadh so chómh fada is mhaoidheann na cómhachta troda é: úghdar gur fiú muinghin do bheith as a thuairmidhibh. B'aoibhinn leis bheith dhá áireamh ar ríogh-ughdaraibh na Gaedhilge: príomh-ughdair: is aoirde. Áirighimíd an tSionainn ar ríogh-uiscidhibh na hEóraipe: ceann des na haibhntibh is áilne. Fuair sé rígh-theagasc as a óige, bhí sé ar scoil is i gcóláisde go raibh ina fhear: múineadh is oileamhaint thar barr. D'ainmneóchainn rígh-thighthe an pharróiste dhuit ar fháilte is fhlaitheamhlacht: na tighthe is fearr chuige.

righe: *f.4.* síneadh, teannadh, borradh (teacht as). Níl mo chuid talmhan ag righe go habhainn, tá talamh lé cómharsain eatartha: ag sroichstint. An téad ag righe léi nuair tá an strus ag reith uirthi: ag teannadh. Fan ó righe a láimhe nó beir aige, mar tá an gomh croidhearg aige chughat: an fhaid do shroichfeadh sí.

righe: *f.4.* (*iol.* reathacha) an lámh ón uilinn amach; an t-alt a chuibhrigheas an lámh leis an gcuislinn; cos, géaga; fiola, foradh rotha. Leónadh mo righe is ní fhéadfainn mo lámh

do chorruighe: an caol ar an dtaobh thuas den gcrobh. Uaireadóir righe: ceann do caithtear ar an righe feistighthe air lé strapa. Tá sé air agat anois é do bhaint as do reathachaibh chun bheith in am táir an-dhéidheannach: as na cosaibh. “An t-each riabhach nár iarr riamh í do ghreadadh le spor/ is go stiallfadh sí a srian lé reathacha a cos/ is go dtairngeóchadh sí ina diaidh an fear ’san fal is an fiadh ón sliabh nuair stadfadh gach con” (Firtéar): go sínfeadh sí a cosa tosaigh an oiread san go dtí n-a béal, beadh sí chómh luighthe sin chun luais: na cosa ós na glúinibh go crúbaibh. Casóg mhór go reathachaibh air ón bhfuacht: síos amach thar na glúinibh. Na reathacha cos atá fúithi táid chómh caol lém mhéir: cosa loma fada. Níor bhreághtha leat féachaint ar reathachaibh aon mhná: cosa ón gcromán go troigh. Ó, léir air mar bhullán, ní thabharfainn an luach san air, cad tá ann ach na reathacha!: cnámha loma. Faid mo righe uaim thu! nó teangbhóchaidh duit: faid géige. An iomcharóchaidh a reathacha é? (lé greann) .i. táid chómh sprionnlaithe sin nó tá an oiread san measa aige air féin. Mo reathacha an-stangtha indiu, ní fheadar ná gur fuacht atá fachta agam: mo chnámha agus dútaidhe ionta. Righe adhmaid, (iarainn) ar roth: foradh na rotha. Righe chaoirfheóla: ceathramha.

righe: *b.4.* árd-fhlaitheas, réim; riaghlughadh; ceannas. Ghaibh sé righe na dúthaighe lé foirneart: árd-cheannas. Níl righe ná rath ag teacht ar an leanbh céadna, dá fheabhas córa is aire a tugtar do: aon fheabhas, fás. Gan chabhair Dé ní bheidh righe ná rath ar éinne againn i ndeireadh na dála thiar: ní bheidh faic in ao’chor againn de bharr an tsaoghail. Toisc na droch-aimsire is a dhéidheannaighe chuaidh barraidhe gan cur ní tháinig righe ná rath ortha: ní dheárnadar aon dul chun cinn. Is deacair do Hitlear righe do chongbháil ar a bhfuil de thíorthaibh gabhtha aige mar, nidh nách iongadh, ní féidir go mbeidís báidheamhail: riaghlughadh.

righeachan: *f.1.* searradh, sroichstint, teannadh; cosc, maolughadh. Níl aon righeachan olc ná maith lé n-a ragairne, ní thairngeóchadh Éire ón mbaile mór é nuair luigheann lé hól is cuideachtain: teóra. Bhí sé ag déanamh righeachain air féin, ar eagla go dtuitfeadh braon sa mbreis air: ag cosc-choimeád air féin. Caithfear a admháil gur beag é an righeachan atá lé harm Gearmáine san Rúis, táid ag gabháil tríthe mar caor theineadh: cosc; toirmeasc. Ar leabaidh a bháis di ag righeachan a géag chun Dé i nguidhe dhúthrachtaigh chun a peacaidhe do mhaitheamh di: ag síneadh uaithi. Nuair thosnuigheann sé ar chainnt in ao’chor níl aon righeachan leis: síor-aighneastóir é.

righim: *b.a. 7 n-a.* sroichim, gnóthuighim, tagaim ann, tárluighim etc. Ráinigh leis a chos do cheangal i scoilt gur baineadh casadh obann aiste a león a alt: thárlaidh dho go etc. Dá ráinigheadh leat púnt do sholáthar in aon bhall agus an earra úd do cheannach is í an margadh ar an luach í is fearr amuigh: dá n-éirigheadh. Connus ráinighis an saidhbhreas go léir – cam nó díreach?: go dtárluigheann sé do bheith agat. Rángadar ar a chéile in Áth Cliath trí choinne: bhuaileadar lé chéile. Mara mbeadh go ránguigh leathphingine eile agam d’eiteóchadh sé me ar a ceal: gur thárlaidh í do bheith agam. B’fhéidir ná rángóchadh a leithéid dhá uair i rith saoghail dhuine: ná tuitfeadh amach. Ráinigh an gárda orm díreach is mé ar tí briseadh isteach ’on tigh is dhein bráighe dhíom: tháinig sé orm gan choinne, neamhthráthamhail. Cé ráingeóchadh (rángóchadh) rómham ann ach an té is lugha gur theastuigh uaim bualadh uime: thárlaidhe bheith ann. Bíodh meisneach agat, b’fhéidir go rángóchadh leat an turus so, má theip go minic féin cheana ort: go n-

éireóchadh leat. Is eagal liom ná ráingeóchaidh an chabhair an Rúis in am chun a saortha: ná sroichfidh. D'fhág sí an port tar lear lé last lóin cogaidh is ní rángaidh a triall riamh: níor shroich a ceann riamh. Ráinigh gála ann ar an uain, rud a chuireas imshníomh ar mhuinntir na bhfear a bhí amuigh ar an muir fé: do bhí gála ann, nó tháinig ann. Chaitheas seacht n-urchair ar an bhfuinneóig, ach ní ráinig liom .i. níor shroich aon cheann aca a thriall. Is iomdha rud a ráinig dom ná hinneósainn do neach beó: a thuit amach orm. Is folláin do go ráinig sé bheith láidir: go dtárlaidh do do bheith ar an aiste sin. Ó Dhia anuas dearbhuighim duit ná feadar connus ráinig san agam: cad é chuma gur shroich sé bheith im sheilbh. Ar sheilbh Dé ní fheadar cad ráinig (rángaidh) eatartha, beirt a bhí chómh muinnteardha, ceanamhail ar a chéile: cad chuir in earrad lé chéile iad. Is amhlaidh mar tá an cogadh anois go rángóchadh aon rud – síothcháin nó troid chúig bhliadhain: go dtiocfadh chun críche. Ráinigheann go bhfuil t'athair annso beó, beathadhach, rud ná raibh coinne agat leis: rud atá i gceist é. Chómhaircigheas leis an saoghal go dian, ciúin ar feadh tréimhse lánfhada lé súil go mbeadh an lá liom ach ráinig go bhfeacthas dom gur bh'fhuar mo ghnóth, dá bhrigh sin m'éirghe as: thárlaidh san. Má bhíonn mar tá súil aige rángóchaidh deascán airgid ó n-a athair é tar éis a bháis-sean: tuitfidh ina oidhreacht air. Má ránguigheann éadach maith ar dhuine is béasa múinte aige is mór an cóngamh chun beatha shaoghalta iad: ar na nidhthibh sin do bheith aige. Cad as go rángaidh sé in ao'chor? a leithéid de shamhail duine ní fheaca im shúilibh beatha riamh: cá tír do?: cá ball d'fhág sé. Nuair ráingeochair in aois fir tuigfir mórán nidh ar malairt slighe seachas mar thuigir anois: ar theacht duit etc. Dá ráingeóchadh leis an saoghal airgead mo dhóthain do bheith agam do chabhróchainn leis na boicht: dá mbudh rud é a thiocfadh i gcrích. Má ránguigheann breis éisc ann mar tá anois lagóchaidh an luach: má bhíonn ann. Cá ránguighir ar an leabhar neamh-choitcheann so?: cár tháinighis treasna air? Ar an gceist do dhéanamh ar aon chuma rángófí ar an réidhteach céadna: thiocfí air: sroichfí é. Cad ránguigh do go bhfuil an sméideadh bacaighe sin ann: cad a bhain do? Cad rángóchadh as duit is do ghéir-dhícheall do dhéanamh?: cad bheadh dá bharr agat? Ní ránguigh oiread is feóirling ruadh im sheilbh: níor thárlaidhe. Mar ránguigheann an cúrsa anois ní fios dom cad is ceart dom do dhéanamh: mar atá sé. Ráinig leis go maith (ina bheatha): d'éirigh leis ar gach nidh dár chuir sé roimis. Dá ráingeóchadh foidhne agam leathuairín eile, bheadh malairt innsinte ar an scéal, ach mar bhí do dheineas beart ró-luath: dá mbudh rud é go mbeadh etc. Rángóchair mar ar thosnuighis: críochnóchair.

righim: *b.a.* 7 *n-a.* sínim, sroichim, searraim; teannaim, fáiscim. Féach an righfeadh do lámh an hata anáirde annsan? má dhéineann, tóg anuas é: an sroichfeadh. Má rightear rómhór an téad san brisfidh sí, óir tá sí ró-lag, ní fhoidhneóchaidh sí an strus mar ná fuil an achmhaoin innte: má searrtar nó teannta. Dá righinn an áit in ullmhacht bheadh an lá liom: dá sroichinn i dtráth.

righin: *a.* sramach, reamhar, "téadach", (bainne etc.); ar nós na glóthaighe; greamuightheach, ceangaltach, neambriosc; teann; mall, neamhfhéicheamhanta, do-ghluaiste; dúr, coingheallach, buantseasamhach, fuilngtheach, siléigeach, neamhphreabamhail. Righin chun gluaiste ach má seadh righin chun stadta: mall, míothapaidh chun tosnuighthe nó do chur ar siubhal, ach leanamhnach de agus neamhthoilteanach ar éirghe as. Capall righin ar bhóthar fhada nuair bheadh a thuilleadh

ag tuiteam i gceann a gcos: seasamhach, fuilngtheach: achmhaoineach. Ag cuimilt an ruibe d'iarann fhuar bheith ag gabháil ar an asal san, tá sé chómh righin sin: chómh dúr, digeanta san. D'éirigheas as an iarracht ar í d'itheadh, feóil chómh righin sin dob eadh í ná féadfadh m'fhiacla í do chogaint: chómh dlúth leantach dá chéile etc. Ní fuláir duit labhairt ós árd liom tá m'éisteacht árd-righin ar fad: deacair do ghlór ná d'fhuaim dul i bhfighis orm. Gluaisimís de choiscéimibh righne. Ná bíodh eagla ort go mbrisfidh ná go scoiltfidh an tuige sin, tá sé cómh righin lé gad cárthan: cómh hachmhaoineach lé tuige nó beanngán den gcrann cárthain. Is righin liom mar labhrann sé, dá mbeadh sé beagán níos praitineamhla budh bhreágh an cainnteoir é: mall, míothapaidh fí chainnt do chur de. Tá croiceann chómh righin lé croiceann eascún air .i. deacair do stracadh nó goin do chur ann. Is fada ón mbás fós é, tá anam an-righin ann: deacair do chur as a ionad. Sin é anois é ina ghrogaire chaithte, chríon gan rian ná siubhal, is nách righin an greim atá ar an saoghal aige: buantseasamhach: do choimeád a ghreama go cródha. Bí righin, ná fág go fóill, ní fios cad thárlóchadh fós: faidtheadhlach: lean ar fhanacht dá olcas a thaithnigheann leat. Ag cur an bhóthair de bíonn sé chómh righin lé hasal bacach: mall: neamh-éascaidh. An diabhal féin ní bhrisfeadh aon ghas díobh, gach ceann aca chómh righin leis an dtáithfhéilean: bíonn an tuige sin an-dheacair do bhriseadh as a chéile. Dá bhfaghadh sé leitir atúrnae ní bheadh sé chómh righin ag díol: mall, dochmamhail. Mórán adeir go bhfuil na Rúiseasuigh árd-righin agus go bhfuil teacht aniar fós ionnta: achmaoin mhór do bheith ionta d'aindeóin a gcailleamhna is a screasa: fulang mór anróidh is cruadhtain ionta. "An athróchaidh an lá (ar olcas), an dóigh leat?" – "déarfainn go mbeadh sé righin": go ndéanfadh seasamh maith fada mar tá sé anois. Aimsir righin .i. a fhanas i bhfad ar an aiste chéadna, olc nó maith. Má bhí an fharraige árd féin ní raibh sí scannruightheach ar fad, ar fad, bhí sí righin: lean na tonnaidheacha a chéile gan briseadh ná scoltadh. An bainne chómh righin dá gcuirfeá do mhéar ann go dtiocfadh sé leat ina shrainng: leantach dá chéile. Na maideanacha dorcha so bím an-righin ag éirghe, is minic do mheasaim fanacht innte (leabaidh) ar fad: dochmamhail, neamh-éascaidh. Bainne chómh righin lé srumaidhibh feamnaighe: leantach, ceangaltach. Tá dearmhad breágh ort, más dóigh leat go bhfaghair ao'nidh bog tímcheall air siúd, tá sé mós righin d'éinne: deacair an bonn do bhaint uaidh: é do bhaint dá réim choitcheannta. Fód righin ar an dtalamh: deacair lé treabhadh nó ná briseann ar gabháil don gcéachda thríd. Dhein sé gáire righin fén scéal gáirseamhail, rud a chuir in iúil nár thaithnigh sé leis .i. i gcoinnibh a thola. Imireóir righin é sin, a fhoidhneóchaidh a thuilleadh is a thuilleadh tuargana gan é do chlaoidheachtaint. Fan righin, ná díol go fóill, raghaidh an margadh i bhfeabhas: bí foidhneach, neamh-imshníomhach, seasamhach. Is righin an duine thu liom ná tabharfadh an beagán san dom ar iasacht is an dian-ghábhadh atá agam leis: mall-ghéilleamhail. Tá an chathair fé iomshuidhe ráithe anois, is í dhá thuargaint is dhá phléascadh gan sos, is righin na cosantóiridhe atá innte: seasamhach, faidtheadhlach. Duine righin chun seasaimh: mall chun dighe do ghlaodhach. Fear righin gach aon lá riamh dob eadh é, is beag rud do chuireadh dochma air: buan neamhghéilleamhail d'aon dochma nó mairg do cuirfí air. Leathar righin: deacair do stracadh: a thabharfadh caitheamh maith. Rámhaidhe righin an fear i bhfaid an chúrsa: a bheadh réidh buan. Buillidhe fada, righne is fearr i rás: an neart dhá chur i bhfeidhm go tómhaiste. Breac righin le breith (tabhairt) ar an bport an bradán: caithtear aimsir, foidhne is clisteacht lé n-a shaothrughadh. Dá mbudh clocha a bheadh ar an dteine ná déarfá gur chóir dhóibh bheith beirbhthe fén dtráth so, nách righin atáid?: mall lé hathrughadh: neamh-éascaidh don dteas. Go tráthnóna ní bheadh aonnidh

beirbhthe ag an dteine sin, droch-mhóin atá innte, agus mar sin, tá an-righin: deacair do lasadh. Fíné ró-righin don gcómhairle dob eadh é ní mór an fios do baineadh as dá méid ceistiúchán do deineadh air. Is baoghalach go mbeidh an freagra righin, cúrsa ró-thábhachtach seadh é chun aonnidh grod do dhéanamh ina thaobh: mall, siléigeach. Is righin an t-éadan atá ort is an oiread do lorg ná fuilir ina theideal: dána. Is righin an muineál atá ar éinne a bheadh ag tnúth ar thé le héinne, is í chómh daor, gann san: "neaimh-iongtach" [sin mar fogharuightear an focal so]. Beidh sé righin ag teacht suas, fuair sé taom ró-throm: mall. Dá mbudh me thu ní raghainn ag imirt le cearrbhach chómh righin leis, is deacair an bonn do bhaint uaidh: do-chlaoidhte: docht: neamhghéilleamhail. Tairng righin air, ní mór eile ar fad atá ann agus is fearr suidhe in aice ná suidhe in ionad: an chuid is lugha a dhéanfadh an bheart gach uair do chaitheamh.

righin-: *i gcfbh.* docht lé cogaint, lé briseadh, le scoltadh, lé sileadh, le gluaiseacht, etc.; mall. Leis an righin-aithne atá aige ní raghadh éinne as a chuimhne: aithne bhuan, choimeádtach. Chaitheamair seal mór den lá ag righin-aighneas: ag cainnt lé chéile gan deabhadh gan deifir orainn. Nách é an righin-aistear teacht 'on chathair anois, deich n-uaire chluig ar bóthar in chúig uaire chluig mar bhíodh: mall, siléigeach, neamh-éascaidh. A mháighisitr lé righin-anamacht níor casadh riamh orm ar a bhfuil d'anródh is de bhroid curtha aige dhe is a rádh go bhfuil beó fós: achmhaoin bhuantseasamhach in aghaidh callóide an tsaoghail. Bhí sé leice is ní thiocfadh suas choidhche mara mbeadh an righin-aire do tugadh do: úramh is ceannsacht mar d'oir do. Aon dearmhad ina chainnt ní dhéanfaidh san, má fhéadann in ao'chor é, má dhéineann righin-aighneas ar domhan do é: cainnt mhall, mheáidhte, gach focal di. Caith uait an righin-aithris ach in aon fhocal amháin innis dúinn a cúram annso: cur síos fadálach. Bíodh righin-amharc agat air sin anois sara dtugair do bharamhal air: dearcadh fada, scrúduightheach. Dá mhéid do tugadh iarracht ar a chur ina luighe orm ná raibh sé cionntach, tá righin-amhras agam air go raibh sé: amhras nách furaiste do spréidh. Is fada ó bheith traochta fós é, tá sé chómh righin-análach is do b'fhéidir: fad-análach is buan. Righin-bhacaighe í sin atá riamh air is a bheidh go deo is baoghalach: faid-shligheach: siléigeach. Fiche bliadhain tar éis mo dhíoghbhála seadh deineadh cúiteamh liom, nárbh í an righin-aithrighe í .i. a bhí gan déanamh i bhfad. Béalbhach chruaidh láidir nár mhór duit don ainmhidhe righin-bhéalach so: is deacair do smachtughadh as a cheann. An ndéanfaidh sé a dhearmhad an dóigh leat éinne chómh righin-bhéalach leis, go mbeifeá ag feitheamh lé gacha darna (dara) focal uaidh: mall, aireach, tómhaiste as a theangain. Righin-bheirbhiughadh is mó d'oireann do chaoir-fheóil: tamall fada ar mheath-theine. Ní mó 'ná buidheach atáid dá chéile, ní dhéinid ach righin-bheannughadh: go mall, neamh-dhúthrachtach. Aon duine a mhaireas go dtí go mbíonn os chionn na cheithre fichid ní gábhadh dho gearán, bíonn sé righin-bheathach a dhóthain: fad-shaoghalach. Shiubhalóchadh sé ar aiteann leis na righin-bhuinn atá fé: buinn ar nós an leathair. Chuir a sínsear san righin-bhunadhas ar a sliocht, is a rian ortha indiu, táid go maith as: bunadhas buan a thabharfadh seasamh uaidh, pé iomard a bhéarfadh air. Tá righin-chaise ar an dtráigh indiu .i. ólaidhthe móra, troma ag caitheamh isteach uirthi. Gach baile sa Rúis a ghéill go dtí so ní gan righin-chaismirt é: cómhrac dian neamh-ghéilleamhail ar gach taobh. Má thugair righin-chaitheamh dod chuid airgid is gan gligín do dhéanamh díot féin leis bainfir subháilceas as: caitheamh fuaimeantamhail dréir mar oirfeadh. Sin í féin an righin-cháithleach atá air ná bainfeadh faic de: ceangaltach, do-scartha. Bí righin-chiallach leis, ná tóg air gach aon rud a

déarfaidh sé leat: foidhneach, faidtheadhlach. Ná dein faic de thapaidh, bí righin-chiallach: meáidh an uile rud ar dtúis. Sheasóchadh sé aon fhuacht nó aon iomard tá sé chómh righin-chroicinn (chroiceannach) san: an oiread fuilng cuirp aige ar gach saghas callóide. Go meádhon lae ní éireóchadh seisean muna ruaigtí amach é, tá sé chómh righin-chodlatach san: claon lé sámh is le suan. Ní bheinn chómh righin-chogúsach san is ná go mbeadh aithreachas orm díth duine do dhéanamh: gan mórán mothála. Táir righin-chosach go leór ag teacht, níl mórán fonn ort, déarfainn: neamh-thoilteanach gluaiseacht. Chaith sé an oidhche mhór fhada ag righin-fhaire an bhealaigh ar eagla theacht na namhad: ag faire gan sos gan stad. Níor thaithnigh sé liom in ao'chor an righin-fhéachaint do thug sé dhom, shaoileas ná tógfadh sé a shúile choidhche dhíom: fada, géar. Maidir lé hobair is fonn chúiche, righin-fhear chúiche seadh é: coingheallach, leagtha lé bruic lé cuid mhór duaidh. Mara bhfuil neart ann níl in éinne is na géaga righin-fhéitheach atá fé: teann, fuilngtheach: achmhaoineach in aghaidh cruadhtain. Ní mhaireann sé an fear eile a dhéanfadh a leithéid de righin-fheitheamh is gan aon chlódh teachta ort: feitheamh fada, cruaidh. Is é an righin-fhilleadh agat é, is mór an iongadh nár fhanas amuigh go ceann seachtmhaine!: mall, siléigeach ag teacht thar n-ais. Bíodh an t-éadach chómh righin-fhighte sin is go dtabharfaidh sé saoghal maith isteach: na snaithínidhe curtha go dlúth greamuighthe lé chéile. Rud dob fhearr 'ná fanacht sa bhaile, níor bh'fhéidir dúinn do dhéanamh, beidh an lá go léir righin-fhliuch: fliuch, comhnaidhtheach. Is iomdha san righin-fhocal do thagann treasna orm a chuireann duadh orm a thuigsint: focal nách furaiste do léiriughadh. "An bhfuil fonn ithte air?" – "is righin-fhonn má tá" .i. ní mór go bhfuil. Cad é an mhaith bheith ag cur ceisteanna ar dhuine righin-fhreagarthach mar é ná meallfadh an trócaire focal uaidh: árd-mhall lé tor do thabhairt ar dhuine. Potaidhe (gleamach) déanta de righin-ghadrach sliotharnaighe: tuigidhe den bhfás san a bheadh deacair lé briseadh: do-chaithte. Is righin-ghluaiseach leis an deoch ag teacht as an soitheach: is mall leis ag sileadh nó ag séideadh é. Mórán gaoithe móire ag an dtír gcéadna mar gheall ar luighe 'on chogadh, ach tá sí an-righin-ghníomhach: mall leasc aon rud do dhéanamh ina thaobh. An dá mhadra righin-ghreamuighthe i muineál a chéile na scaoilfidís go dtín ruibe déidheannach: greamuighthe go docht. Ní fheadar cad é an neart a bhí ann tráth níor bh'fhuraiste fear righin-ghéagach mar é d'fhagháil: acfuinneach fuilngtheach. Ní hair a bhí an locht, thug sé righin-iarracht ar an dtalamh do shroichstint, ach bhí an fharraige ró-mhaith: iarracht dhúthrachtach, dhícheallach. Scéalta iongtacha aige gur bh'aoibhinn leat bheith ag éisteacht leo, aon locht amháin ortha an righin-innsint a néann sé ortha: fadálach. Dá fhaid a bhí sé ag tabhairt na gcos leis dhein na gárdaidhe righin-leanamhaint air ó ghnáthóig go gnáthóig go dtí go rugadar air: leanamhaint chómhnaidhtheach: gan aon lag do dhul uirthi. Chaitheas na bliadhanta ag righin-lorgaireacht focal don saothar so, moch, déidheannach ameasc na ndaoine: gan sos gan traochadh. Bí amuigh as an leabaidh, náire dhuit bheith ag righin-luighe innte is an parróiste go léir mar ritheann sé ag obair: ag luighe go leasc scraisteamhail. Bagairt ná tafant ní tairbhe leis, is é is righin-mhaille beó, mío-thapaidh, neamh-éascaidh: an donas ar fad air lé do-ghluaiste. Shiubhlóchainn an Mhumha ina hórdlaighibh sara bhfaghainn neach eile chómh righin-mharbh leat: ar aiste ná faghfí maith ná tairbhe asat. Déanfaidh sé an bheart dá mhéid ualach a cuirfear air, tá sé lán de righin-neart: buancas chun ruda d'fhulang: neart fuilngtheach, cómhnaidhtheach. Daoine righin-nósach atá ina gcómhnaidhe ann, an géilleadh céadna aca dos na rudaidhibh go raibh ge n-a sinsear rómpa: ag leanamhaint go dlúth coingheallach do nósaibh is do bhéasaibh a sean. Na

righin-oidhcheanta do chaitheadar le hólachán is lé ragairne: oidhcheanta diana, brácamhla, scléipeamhla. Righin-phrátaidhe lé beirbhiughadh seadh iad: caithid i bhfad os chionn na teineadh. Pus righin-phrioslach air is é ag itheadh, chuirfeadh sé náire ort: prioslaidhe is silidhe anuas go brollach air. Nách é an righin-rabharta é, budh dhóigh lé duine gur ceart do do bheith ag dul ar gcúl: ná maoluigheann in aonfheacht. Thugas righin-ráib fén mbaile mór ag triall ar an ndochtúir: ní dheaghaidh aon staonadh ar an siubhal a bhí fúm. Maran b'é an righin-riar ar an mbiadh é, sinn ag feitheamh leis faid gach 'nfhaid: riar a thagas an-mhall. B'éigean dom fios do chur ar na gárdaidhe chun cúram na righin-rochtairidhe do chur díom: iad so go raibh "ceangal" istigh ortha. Tá bóithre na hÉireann taistealuighthe aige, is é an righin-ródaidhe é: taistealaidhe coingheallach, buan, neamh-dhochmamhail. Capall a thabharfadh triail mhaith uaidh aon am, tá sé righin-reathach: buan, fad-análach i rás. Ní mór an fios ná faisnéis a gheobhair ón bhfear righin-rúnach úd: coimeádach, cluthair ar aon eolas a bheadh aige. Bíonn an eascú righin-shaoghalach: maireann sí ar feadh i bhfad. Gach aon lá riamh, ní ghom mholadh féin é, ach bhíos chómh righin-shaothrach is d'fhéadfadh neach eile do bheith: claoidhte lé hobair. Ganndal mór, láidir righin-scrogallach nár thuit an t-anam go hobann as tar éis cor do chur ina phíopán: fuilngtheach ar strus. D'iomcharóchadh sé aon ualach lé n-a righin-slinneánaighe: slinneáin acfuinneacha go bhfuil fulang ionta. Chuaidh righin-shrumaidhe na feamnaighe orm is ní ghlanfadh Éire as mo chuid éadaigh iad: a leanas a chéile go dlúth. Oidhche righin-sheórdánach a chuirfeadh uaigneas ort bheith ag éisteacht leis an siolla: seórdán fada, cómhnaidhtheach gan aon lag air. Dá bhfeictheá ag alpadh righin-shlaimicidhe feóla é bheadh iongadh ort connus do b'fhéidir leis iad do chogaint: blúiridheacha fada do-stolta ar a chéile. Nách é an righin-shruimile é ná féadfadh anam éigin do chur ina ghéagaibh: duine marbh, leasc, deacair. Chaitheadh sé na tráthanna cois teineadh ag righin-shrumáil gur dhóigh leat go dtuitfeadh sé isteach aon uair innte: ag míogarnaigh gan preab chun corruighthe do theacht ann. Chuirfeadh an righin-shuaill a thagas aniar ón bhfarraige choimhthigh isteach ar Cheann Sraithe diamhaireacht ar do chroidhe: ólaidhthe móra, fada, slána. D'aindeóin a mhío-oireamhnaighe chun aonnidh do dhéanamh bíonn sé ag righin-shnámhacán leis: ag obair go mall ach go díchealla, coingheallach. Cuirfead-sa in iúil don righin-shleamhnánaighe sin ná fuil sé ar a chumas bob do bhualadh orm lé n-a chuid feallaireachta: duine a bhíos d'iarraidh teacht ar thaobh chaoch d'fhear lé gliocas camasghala. Faigh righin-shlat agus cuir ag luighe ar na heasnaidheachaibh aige í mara néann sé rud ort: slat fuilngtheach ar shuathadh. Níor stad an chneadh fós de righin-shileadh: othar nó braon do bheith ag teacht aiste go minic d'aindeóin ionnramhala is aire. Cad do chuir an righin-thart so ort atá chómh deacair do mhúchadh: tart a fhilleas is a aithfhilleas. Bainimís righin-tharrac as an dtéid d'fhéachaint an bhfuil achmhaoin mhór innte: tarrac fada, cómhnaidhtheach dréir a chéile. Tar éis a ndubhart chun a áitimh air nách me a labhair go tarcuisneamhail air tá righin-thuairm aige gur me: leanamhnach: tuairm a fhanfaidh ann. Más righin-thaisteal é fad-thaisteal seadh é: má bhíos i bhfad ag teacht thugas cúrsa fada isteach. Níl aon mhaidean sa mbliadhain ná go mbéarfaidh an lá bán gléigeal geal ina righin-shuan air: codladh sámh, fada. Chuir sé an oiread san siúicre ar a chuid té gur fhág sé righin-shúghlach ar thóin an áruis (árthaigh): sughlach trom mar bheadh srumaidhe. In ainm Dé is Mhuire cuir uait an righin-shúmadóireacht is dein rud éigin: an mharbhántacht gluaiste. Bheifeá ag righin-shughrac ar mo phíp dá bhfágainn agat í go dtí go dtairngeófá an tón tríthe siar: ag tarrac is ag síor-tharrac uirthi gan lag gan sos. Bhaineas righin-stracadh as a

chroith go maith é: stracadh gur choimeádas air. Bhuail righin-thaom breóidhteachta é nár scar leis ar feadh bliadhna: siléigeach, mall. Cuir righin-uachtar ar an dté: uachtar ná tuiteann ina bhraon is ina bhraon ach a leanas a chéile: ná bíonn tanaidhe. Lá righin-uisceamhail nár stad ó dhubh dubh: cómhnaidhtheach ar bháistigh. Nách tú atá go righin-thuirseach budh dhóigh lé duine ort go mbeadh seacht gcúraimidhe an tsléibhe ort: tuirseach thar mar bheadh fáth ag duine leis.

righne: *b.4.* doichte, do-scarthacht, buantseasamhacht, achmhaoineacht, fuilngtheacht. Chaitheas uaim an phíp úd lé n-a righne: deacracht an gal do shughrac trí n-a cois is sásamh ceart do bhaint aiste. Mórán mór go bhfuil dóchas láidir aca as an Rúis, toisc a righne d'aimhdeóin a bhfuil caillte aice: achmhaoineacht: an gus atá innte bheith chómh buan is tá. Níor thaithnigh sé in ao'chor leis an nGiúdach a righne agus bhíos ag díol na hiasachta leis: a mhaille agus a shiléige. Sin é ar a leabaidh anois é leis na ciantaibh, gan ann cor de láimh ná de chois – nách áidhbhéil an righneacht atá ann is ná fuil an bás fadó aige: an fulang is an achmhaoin ar anródh breóidhteachta. Righne na droch-aimsire nách fios cathain bheidh deireadh léi atá ghom chur as an áit: buaine: siléig. Budh chóir go dtabharfadh na bróga caitheamh maith uatha ar righne an leathair atá ionta: congbhálaighe na hearra: deacracht a stracadh nó a mheilt. Maidir lé righne chun oibre ní choirfeadh an saoghal mór é: coingheallacht: buaine is fonn claoidheachtainte lé. "Ar dhíol sé fós thú?" – "is maith atá a fhios agat nár dhein. "Cá ngeóbhadh a righne?" an claonadh lé siléige is neamh-fhonn. Fáth gur chaith sé amhras ortha go raibh baint éigin aca leis an ngadaidheacht a righne freagartha i dtaobh imtheachta na hoidhche roime sin: a fhaid agus a neamhthoilteanacht freagra do thabhairt uatha. Cainnteóir maith dob eadh é mara mbeadh a righne, chuirfeadh sé tinneas ort uaireannta bheith ag feitheamh leis an dara focal uaidh: a mhaille is a shiléige d'iarraidh na mbriathar ceart d'aimsiughadh. Is beag cao go n-athróchadh sé a bheatha anois go bhfuil sé dulta chun righne leis an mbeatha scléipeach so: faid slighe: leadrán. Tá gach aon dul aige ar theacht as, dá bhreóidhteacht atá sé, ó tá sé dulta chun righne léi: go bhfuil an oiread san buaine ann. Ní heól cad dhéanfadh sé ná cad dob fhéidir leis do dhéanamh anois ó tá sé imthighthe chun righne ar fad: an aiste sin go ránguigheann neamhshuim nó neamhchás é. Ar an righne atá sa tslait sin ní baoghal go mbrisfidh sí: a dheacracht a briseadh nó a stathadh as a préamhachaibh: an dlúth-chongbhálacht atá innte. Bainne tanaidhe is fearr liom ní maith liom a righne so: an aiste sin go leanann sé a chéile is ná silfeadh ina bhraon is ina bhraon. Capaill láidre threabhtha nár mhór duit i gcóir righneachta na talmhan: greamuightheacht, dlúithe is sláine an fhóid. Bainfead-sa an righne amach asat-sa lé hobair do bhaint asat: an sámhán, an neamh-fhonn is an leadrán. Ní roim righne na farraige budh ghábhadh dhuit aon eagla do bheith ort ach roim a bristeacht: sláine na dtonn mór. Righne rámhaidheachta: buaine. Níl aon righne oibre air, ach tá sé go hiontach ar speal do dhéanamh: buaine is faididheacht chun oibre. Chaitheas éirghe as an bhfeóil toisc a righne ní fhéadfainn í do chogaint: a dheacracht a mhionughadh leis an gcír (fiacla). An righne go léir a ghaibh tríd an mnaoi bhoicht, beartha aice ar cheann capaill ar thaobh na sráide ag feitheamh leisean i dtigh an tábhairne: an mhoill is an tsiléig. Aon nath ní chuirfeadh a cheann san bheith ag gabháil choidhche air lé n-a righne: achmhaoineacht agus fulang búrdála. An righne i gcómhnaidhe sara ndéineann sé aon rud ar eagla botúin: an machtnamh is an meádhachtaint mhall. B'fhéidir gur orm féin atá an locht, ach ní bhfaghaim aon tsásamh ina chuideachtain, righne coidrimh ag baint leis nách

taithneamh: maille maidir le heolas ceart do chur air. Ní lé ceal dúlach i gcogadh ná fógrann an tír úd é ach lé righne na heagla: an mhaille a thagas de neamhdheimhnightheacht a bearta.

righneálaidhe: *f.4.* siléigtheóir, duine manaoiseach, síománaidhe, leadránaidhe, tónálaidhe; duine a leanas go greamuightheach, luighte lé haonnidh. Ar an uain bhí sé an-dhéidheannach, bhí na righneálaidhthe sráide budh mheasa lé fada ina suan: iad súd a fhanas amuigh lé siléig. Tháinig fearg ar an dtábhairneóir ó bheith ag fógairt na trátha bheith caithte, ach ní chuirfeadh san amach righneálaidhthe na cuaiche: an dream a fhanas ag goradh ar an ndigh go dtín ruibe déidheannach. Gheóbhadh san i bhfad 'si bhfad a thuilleadh oibre mara mbeadh a mhéid de righneálaidhe ná faightear faic as a lámhaibh: duine a mhoilligheas thar ceart lé gnóth. Tá deireadh fanachta agam leis an righneálaidhe ní bheinn ag scughadh gheitiridhe dho: duine manaoise ná cuireann suim cheart i dteacht. Ní bheadh a fhios ag duine cad bheadh ar aigne an righneálaidhe sin, an mbeadh sé leat nó ná beadh: duine ná beadh éascaidh ar ceapadh do dhéanamh. Dá mbeadh cóisir ar siubhal gach aon oidhche sa tseachtmhain gheóbhfá an righneálaidhe sin ann: duine a bheadh a gceann a bhirte is gur chuma leis fáilte do bheith roimis nó gan a bheidh. Maidir lém chuid-se den scéal abair pé nidh is maith leat leis ní fhéadfá easonóir do thabhairt don righneálaidhe sin: duine go mbeadh seithe righin mío-náireach. Righneálaidhe éachtach ag imirt cártaidhe é: deacair an lá do chur air, deacair airgead do bhaint uaidh. Mara mbeadh é do bheith ina righneálaidhe maith ní sheasóchadh sé an fhaid sin i bpríosún: duine a dhéanfadh fulang ar chruadhtan i bhfad.

righneas: *f.1.* doichte, faid slighe, siléig, do-chogantacht, do-scarthacht, achmhaoineacht. Ó tá an scéal dulta chun righnis is gan aon díoghbháil tagtha as tá gach aon dul go leighfidh sé ar fad: faid slighe gan aon rud bun os cionn do thárlachtaint. Cuma ar an aimsir go raghaidh sí chun righnis: go leanfaidh sí dhi mar tá sí. An righneas a chaill me, dá ngluaisinn nuair smaoinigheas air, ní bhéarfí sa teannta orm: ceal gnímh ar réidhe an achair. Tá righneas an rubair sa bhfeoil sin: tabharthacht gan scarthacht. Ní nár righneas mo chéime dom aois: maille: doichte a gluaiste. Gan a thuilleadh righnis anois bead leat: gan mhoill thoilteanaigh nó eile: gan neamh-éascaidheacht. Chun leathscéil righnis do bheith agam do chromas ar righin-amharc do dhéanamh ar an bpáipéar laetheamhail: fáth moillighthe. Thóg sé a lámh chun a buailte, ach tháinig righneas air: do shos sé. Chuaidh an galar chun righnis air is níor chuir éinne suim as san amach ann: faid slighe is cómhnaidhtheacht. Ná leig do neach righneas leathuaire do chur ort nó is tubaisteach duit gan aon áit d'fhágaint roim an am atá in áirighthe: moilliughadh. Ceal úirlisidhe atá ag cur righnis ar thosnughadh na hoibre: moilliughadh. Déin righneas go fóill má ghníonn an bitheamhnach mar is dual do beidh sé annso aon nóimint: faid slighe do chur ar shos ann. Má leigir chun righnis do chuid stuidéir is amhlaidh a thiocfaidh col agat leis is éireóchair as ar fad: gan friotháilt air nó gan claoidheachtaint leis mar budh cheart, is mar d'oirfeadh do. Aon teóra níl lé righneas a ghéag, ní choirfeadh duadh ná faid aimsire iad. Toisc righnis na híle thug sí i bhfad ag sileadh as an soitheach mar bhí an poll ró-chumhang: a reamhaire: tiughacht is dlúthacht ar a chéile. Is lugha a righneas ag ól ná ag glaodhach: neamhfhonn: neamhthoilteanacht.

righnighim: *b.a.* *7* *n-a.* teannaim, dlúthuighim, reamhruighim (lacht), moillighim, téighim chun siléige, greamuighim de, claoidhim lé; coingbhighim mo ghreim. Righnigh mo chroiceann ó bheith ag gabháil air leis an lasc: do reamhruigh, tháinig breis achmaoine ann: buantseasamhacht in aghaidh a thuilleadh buailte. Is cuma leis cad é an déanamh a gheobhaidh sé uatha righneóchaidh sé ann: greamóchaidh sé níos dlúithe. Righnigheann bainne ar é d'fhágaint ina stad ar mhéis: reamhruigheann: téachtuigheann sé: bíonn sé ar aiste ná silfeadh chómh saoráideach. Righneóchaidh an aimsir seo anoir 'sandeas: luighfidh sí chun triomachta. Leis na bliadhantaibh righneóchaidh a chnámha go mbeidh breis fhuilngthe aca ar shaothar: teannfaid, cruadhfaid: tiocfaidh breis achmhaoine ionta. Tá an oiread san siúicre dhá chur ar do chuid té agat go righneóchair é: téachtóchair: reamhróchair: beidh sé ar aiste níos doi-shilte. Ceal breis teineadh fés na meacanaibh sin righneóchaidh siad: casfaid ar a chéile is beidh breis fulaing ar an dteas aca. Righnigh fén dtobac, níl an oiread san de lé fagháil: caith go críochnamhail. Righnigh in áit éigin annsan is ná leig faic ort, b'fhéidir go dteastóchadh do chabhair uaim: moilligh. Righneóchaidh an fuacht san ort mara bhfaghair aon rud chun a chosca: ceanglóchaidh sé isteach ionat. Ní righneóchaidh an bharracht ina ceart má cuirtear an iomad uisce innte: ní ghreamóchaidh sí ina chéile. Do righnigh an fharraige leis an mbog-ghaoith ón bhfarraige: do mhéaduigh na tonnaidheacha ach nár bhriseadar. Mara mbeadh an tslighe a righnighis orm san imirt sin bheadh an cluiche agam: a choimeádais orm: a leanais de bheith ar mo thóir. Righnightear pairseach lé breis mhine nó plúir do chur uirthi: reamhruightear: tugtar breis scabháird di. Tusa a righnigh an freagra ar mo leitir mar nár theastuigh uait fios an eólais a bhí uaim do bheith agam ar an lá ceart: a chuir siar nó ar gcúl é trí cheal luathuighthe. Is amhlaidh do righneóchaidh an ghaoth, tá eagla orm; b'fhearr dhúinn bheith ag baint na talmhan amach: neartóchaidh is raghaidh chun leadráin.

righniughadh: *f.* (*-uighthe*) teannadh, téachtughadh, calcughadh, greamughadh; dul chun faid slighe is cómhnaidhteachta. Aon fhonn fágtha níl ort, is ag righniughadh ann ataoi: ag dul i gceanglacht san áit. Ag righniughadh ionam atá an slaghdán so, níl aon leigheas air: ag ceangal níos do-ruaghtha ionam. Iongtas fir seadh é, aon bheann ní thaidhbhsigheann do bheith aige ar chruadhtan ná duaidhnéis, ag righniughadh atá sé: breis achmhaoineachta is fulaing ag teacht ann. Cad é an mhaith bheith ghom chosaint, níl ann ach bheith ag righniughadh an scéil, is eól dom go mbéarfar sa deireadh orm: ghá chur ar gcúl. Ag righniughadh an té le siúicre, na praisce lé breis phlúir, na leitean lé breis mine, an taois lé breis fhuinnte, etc. etc. Sé an freagra a fuaireas uaidh – go raibh sé ag righniughadh a chnámh lé díomhaointeas: ghá neartughadh is ag cur breis de mhianach an fhulangtha ionta. Le teacht na droch-aimsire san Rúis is ag righniughadh atá an cómhrac: ag dul i bhfaid is i ngéire is níos sia ó chrích do chur air. Gan a ndóthain teineadh fútha is ag righniughadh atá na prátaidhe uirthi: ag dul i ndoichte beirbhthe. Ní haon righniughadh a thiocfaidh ar na préachaibh faid is bheidh na gais dhá shuathadh ag an ngaoith. Is fuar dom athchuinghe air sos do thabhairt dom ag righniughadh orm atá sé: ag dul i ndéine is i ndeacracht. Ar luighead fear agus fearais a bhí agam caithfear a admháilt gur dheineamair righniughadh maith: gur thugamair buantseasamh uainn. Nuair tá an oiread gannchair earraidhe áirighthe ann fé láthair caithfear righniughadh fútha: baint siar asta an oiread agus is féidir é: iad do chur i bhfaid lé baileacht is cnuaisciún. Ní gábhadh bheith chómh heaglach annso, tá righniughadh ar an bhfarraige: na tonnaidheacha níos

sláine. Ní thagann aon righniughadh ar an mbainne lé fuacht na haimsire: ní ghéaruigheann sé go ró-mhór .i. fanann sé ina lacht reatha fé mar bhíonn ina leamhnacht nách mór. Tá sé dulta chun righnighthe anois ar a dhroichbhéasaibh is deacair é do scaradh leo: chun greamuightheachta de dheascaibh a bhfad-thaithighe. Ní fada anois ná go mbeidh an chneadh ar do láimh cneasuighthe, tá an croiceann ag righniughadh uirthi: ag teacht lé chéile is ag fás. Tá sé againn anois le tamall agus is ag righniughadh farainn atá sé: ag socrughadh fé gan fonn ná deallramh fágtha air. Ag righniughadh linne do b'fhearr leis, is eadrainn is fearr bheadh saoghal aige: ag luighe linne.

righnighthe: *a.r.* casta ar a chéile, dulta i ndoichte, téachtuighthe, greamuighthe ar a chéile, teannuighthe, dulta chun siagaidheachta. Táim chómh righnighthe sin anois ó bheith amuigh fén sín ná cuirim aon nath innte: dulta lé taithighe uirthi, tá slighe ná brathaim í nó má bhrathaim gur cuma liom céaca. Níor chóir obair dhuaibhseamhail do chur ar leanbhaidhibh óga sara mbíonn a gcnámha righnighthe chun í do sheasamh: fáiscighthe, achmhaoineach. Is baoghalach go bhfuil righnighthe ró-fhada againn, tá sé tar éis tráth dúnta: siléig déanta thar ceart againn. Tá na prátaidhe righnighthe ar an dteineadh ceal teasa a ndóthain: casta ar a chéile, dulta i ndoichte beirbhthe. Tá a haigne righnighthe aice ina choinnibh lé déidheannaighe ná féachfadh sí ar an dtaobh den mbóthar go mbeadh sé dá mhéid é a cion tráth air: cruaidhte, calcuighthe. Tá sé chómh righnighthe sin sa digh anois ná féadfadh sé í do thréigean is a dhá dhícheall déag do dhéanamh: chómh taithightheach. A fhaid sin anois ó cuireadh ná ó saothruigheadh talmhaintidhe i gConntae na Midhe go bhfuil an croiceann chómh righnighthe sin gur deacair é do threabhadh: fásta, dlúithte, préamhuighthe ar a chéile. Tá an scéal righnighthe bhur ndóthain anois agaibh, éirighidh as: curtha chun faid slighe: curtha thar cailc. Bheadh tuigidhe righnighthe tar éis seachtmhaine ar bogadh in uisce: dulta in achmhaoine ar bhriseadh: fulang aca ar lúbadh nó aon tsaghas strusa. Faic ní chorróchadh as an suidheachán san anois iad, táid righnighthe ann: dulta chun síogaidheachta ann: dochmamhlacht is neamh-fhonn fágtha. Leis an obair is an anródh atá beartha ar mo ghéagaibh féach an croiceann chómh righnighthe is tá ortha: reamhar, rocach, garbh. Ní dhéanfadh an bainne seo liathadh (dathúchán) don dté, tá sé righnighthe: téachtuighthe, géaruighthe, reamhruighthe. An fuacht so atá righnighthe orm ní chuirfinn aon leigheas ar mo chnámhaibh é: ceangailte isteach lé faid aimsire. Na prátaidhe righnighthe ó bheith ar an dteine: dulta chun doichte maidir lé beirbhiughadh. Tá an cluiche seo ró-righnighthe againn, ní fada ó ghlaodh an choiligh é: curtha chun faid slighe.

righthe: *a.r.* sínte, seartha, teannta; tabhartha isteach, críochnuighthe, gabhtha, réidh lé, buaidhte (ag), eascartha, oireamhnach, foghlumtha, tréitheach, ceart, scéirdeamhail, lom, deacair, géar, seasuightheach, fóirlíonta. Níor bhuail neach buille (de) chasúr ar an mbróig sin ach ceárdaidhe righthe ar a slachtacht 'sa críochnughadh: ceárdaidhe eolgaiseach. Ní mór do mór-chuid aimsire do chaitheamh ar oileamhaint sara mbeidh sé ina shaighdiúir righthe agus réidh chun fear do threórughadh chun catha: eólgaiseach. "An bhfuil aon mhaith annsan chun iomrascála" – "tá sé righthe" .i. go héachtach: eólas ar gach cúinse a bhaineas leis aige. Éist annsan, ní chreidfeadh éinne thu, táir righthe chun éitheach: imthighthe ó smacht ar fad. "Dia linn, nách olc an cogadh é seo" – "tá sé righthe ar fad": imthighthe suas: imthighthe fiadhain: ró-uathbhásach. Tá siad righthe chun ólacháin indiu: tá fútha caoir is ragairne do dhéanamh de. Scoláire righthe seadh é,

is beag rud ná go bhfuil cruinn-eólas aige air: fíor-léigheanta. Duine uasal righthe é, ní fheaca riamh ag eiteach na mbocht é ná drochfhocal aige d'éinne: uasal, galánta ar gach cuma. Tá an capall righthe leis is ní fhéadfadh é do stad: imthighthe ina rás ó n-a smacht. Níor stad sé de chaitheamh go raibh righthe leis an dtigh é: go raibh sé bochtnuighthe aige. Cúig ráiseanna atá ar an gclár – dhá cheann aca righthe is trí cinn gan rith: tabhartha isteach: na reathaidhthe tar éis bheith i gcomórtas luais. Is fada atá sé righthe ina dhochtúir: gabhtha tríd an gcéim aige. Righthe ina shagart: é déanta dhe. Ní siubhalta atá sé agam ach righthe d'iarraidh gan bheith déidheannach: achar curtha díom agam ar cosanáirde. Tá mo chuid oibre righthe liom, ní fheadar in ao'chor connus a thiocfad suas léi: táim in iarraga ina taobh: nílim ag coimeád ceann cuinge léi. Táir righthe ar fad orm, aon lámh ní fhéadfainn do dhéanamh ort: imthighthe tharm gan smacht nó thar teórainn na rud do chómh-thaithighimís. Tá an téad so ró-righthe, brisfidh sí: ró-theann, searrtha faid is fhuilingeóchadh sí gan bhriseadh. Cómh righthe lé sreang bogha: searrtha go teann.

rightheamhail: (**ríoghamhail**) *a.* de bhunaidh ríogh nó ag baint leis dréir fola; céim ríogh nó bainríoghan do bheith ag; do bheith i seilbh nó in áis ag ríogh nó bainríoghain. An líon tighe rightheamhail: an rí, an bhainríoghain, is a gclann. Ní raibh ag baint a chéille is a shláinte dhe ach go bhfeicfeadh sé an ceann corónach ina chathaoir rightheamhail: an suidheachán a bhíos ceapuighthe dá leithéid. Éiligheann sé go bhfuil fuil rightheamhail ina fhéitheannaibh i bhfad siar .i. go raibh righthe nó flaithe ar a threibh. Fuair an reacht an cead rightheamhail: shighnigh an rí é chun a bheith ina dhlighe. Tá imtheacht rightheamhail fé, an tslighe mhaordha do shiubhlann sé: mórtach, maiseamhail. "Agus tug an Rí Solamh do bhainríoghain Shéibe a miana uile, gidh b'é ar bith nidh d'iarr sí taobh dhá dtug an Rí Solamh dhi dá thiodhlacaibh ríoghamhla féin etc." (1. Righthe X. 13): bronntanaisidhe ar a shon féin nó a bhain leis féin i bpearsain. Níl malairt bearta rioghamhla ann do dhéanamh: galánta, flaitheamhail. Teamhair dob é árus rightheamhail na hÉireann seal: mar a lonnuigheadh na cinn chorónacha. Rud in ao'chor a thairngeann sé air deineann sé go rightheamhail é: mar budh chuibhe dho rí do dhéanamh: go háluinn.

rilleadh: *f.* (*-llte*) (**roithleadh**) cáitheadh, criathradh, búithré cainnte. Ní mhaireann sé an té a thuigfeadh an rilleadh-railleadh cainnte a bhíonn ar siubhal aca maidean Shathairn suidhte, scata aca ban ag ól caifí: cainnt an domhain uile, go minic furmhór na cuideachtan ag cainnt ar an am gcéadna. Ag rilleadh an choirce bhuailte is gan go leór gaoithe ann chun na cáithe d'iomchar: scaramhaint an ghráine on gcogal.

rilleán: *f.1.* (**roithleán**) criathar, duine ceann-uaiscneach, gan fuaimeant, éadtrom. A rilleáin! stad! ná tabhair fén abhainn sin do shnámh d'árdóchadh an tsruth chun siubhail thu: a dhuine gan fuaimeant incheann. Mara n-éisteóchaidh cuid agaibh i slighe is go dtuigead cad tá uaibh bead im rilleán agaibh: im dhuine gan éifeacht, gan néall mheabhrach im cheann. Bheadh do cheann ina rilleán ag glór na n-inneall go léir ar siubhal in aonfheacht: bodhar: meadhbhán ann. An dóigh leat go mbeinn im rilleán chómh mór san is go dtabharfainn uaim d'éinne an rud is ionmhaine liom ar domhan?: im ghliogaire: duine ná féadfadh rud do mheas ina cheart. Má ólann sé an méid sin beidh sé ina rilleán: ina dhuine nách feadair cad is ceart do do rádh ná do dhéanamh mar budh

chóir. Tá sé ina rilleán ina diaidh, ní stadann ach ag cainnt uirthi: gan puinn meabhrach nó fuaimeanta lé n-a ghníomharthaibh. An rilleán inghine atá agam ní bhíonn ina béal ná ina brághaid ach rinncidhe is cóisiridhe: cailín gan an stuidéar ceart. Dhein an buille rilleán díom: cuir mearbhall orm ná feadar cad bhí dhá dhéanamh agam.

ríméad: *f.1.* áthas, mórtas, éadaighe taidhbhseacha. Chuirfeadh sé ríméad ar éinne a bhaineas leat féachaint ort, is breágh an fear tú, bail ó Dhia ort: áthas. Is mór go léir an ríméad fé dhuine bhocht é, ní fheadar cad fáth?: mórtas, éirghe anáirde. Sin í an tsráid go bhfeicfeá an ríméad ar na mnáibh, síodaidhe is fionnaidhe is seódradh: maiseamhlacht thaidhbhseach. Is beag duine go bhfuil an oiread ríméid aige as féin: mórdháil: meas é do bheith mós cuibhe.

ríméadach: *a.* áthasach, sásta, mórdhálach. Budh ríméadaighe go mór do bheinn asat dá mbeadh béal ciúin agat ná bheith ag déanaimh amadáin díot féin gach am a osclair é: budh mhó mo mhórdháil. Bean ró-ríméadach dob eadh í, dá mbeadh gustal aice, ní bheadh sí chómh muinnteardha lághach is atá: bheadh an iomad éirghe anáirde fúithi.

ringear: *f.1.* reatha (reithe) gan folaidheacht. Laitfidh an ringear do thréad caorach ort. Uain gan mhaith thagann ón ringear san.

rinn: *b.2.* poinnte, ear, bior, fíor-bharr, ceann (géar) deiridh, ceanntíre caol, faobhar, neart, déine. An rinn tímcheall míle ar faid amach 'on chuan: leirg chaol thalmhan go mbíonn uisce ar a dhá thaobh is ar a cheann. Scríobh trom a ghním toisc rinn mo phinn do bheith chómh leathan: an barr amuigh. Do scoilt an long ó sháil rinn nuair bhuail sí ar an gcarraig, d'imthigh sí ina blodhtachaibh: ó dheireadh go tosach. Tá sé san ionbhaidh anois leis aige rinn do theacht ar an aimsir, tá sí an-nimheamhail indiu: géire. Dá fhaid chun deiridh a bhí sé agus dá mhéid an t-ualach do bhí ar iomchar tháinig sé ar tosach de rinn a luais: neart agus buaine a ghluaiseachta. An chrích bháis do chuir an laoch air féin, é féin do chaitheamh ar rinn a shleagha a bhí ina seasamh sa talamh: bior: an ceann amuigh. Chuirfeadh sé iongadh ort an tslighe chuimhnigheann sé ar gach aonnidh, bíd ar rinn a mhéire aige; ar bharraidheachaibh a mhéar: réidh chun an ruda do thastóchadh do dhéanamh. Ar feadh i bhfad bhí radharc ceart agam air, ach i ndiaidh a chéile bhí sé ag druideam uaim go dtí go ndeachaidh sé as rinn mo shúl ar fad: as mo radharc. Thagadh mío-thaithneamh aice dho gach uair dá n-amharcadh sé uirthi budh dhóigh léi go mbíodh sé ag cur rinn a shúl tríthe: géire: go mbíodh a shúile sáidhte innte aige. Níl aon fhocal a thagas as a bhéal ná go mbíonn rinn air, bíonn sé ina sheasamh annsúd: faobhair: géire. Ghaibh sé chuige rinn adharc ghabhair chun cor na téide do choimeád ó chéile faid bheadh sé ag cur eanga suas: adharc ghobanta.

rinn-: *i gcfbh.* géar, faobhrach. Dá bhfanaidís ar rinn-aighneas lé chéile níor misde ach gur chromadar ar a chéile do bhaisteadh, ní raibh aon fhearamhlacht ag baint leis sin: géar-aighneas: áiteamh cruaidh. An té nár bhuail leis ó n-a óige ní raghadh as a chuimhne tá an rinn-aithne sin aige: géar, neamh-dhearmhadach. Nuair cuirtear olc air bíonn sé go rinn-bhriathrach is ní feárrde éinne a theanga: gonta, goirtightheach. An tuagh rinn-bhéalach san, ghearrfadh sí aon tsaghas adhmaid go gcuirfí chuige í: an-fhaobhrach. B'fholláin duit gan é do bheith rinn-chluasach mar chloisfeadh sé an cáineadh do thugais

air: éisteacht mhaith ghéar do bheith aige. Na fiacla rinn-bharracha atá ag an eascúin fharraige do mhillfidís aon rud a ghreamóchaidís: lán-ghéar as a mbarra. Ar an té is rinn-chíocraighe chun bídh dá bhfeaca riamh, tá sé i gcómhnaidhe ag lorg: faobhar diail chun bídh air. Rinn-chlaidheamh go raibh marbhadh na gcéadta air; caol, bioranta, géar as a bharra. Chuaidh an phicil salainn isteach ’on chneadh nuadh-ghearrtha agus do rinn-chéas sí me: ghoirtigh sí go smior me. Na deilgne a bhíos ar an ngráineóig is iad a bhíos go rinn-ghéar, do raghaidís trí dhuine ar nós na snáthaide: a mbarra caol, cealgach. Sceana rinn-ghéarra: a mbarraidheacha an-chaol. Bíonn an oiread san rinn-ghreithil ar chun an tsaoghail ná déanfadh sé stad nóiminte chun cainnte leat: deabhadh is fotharaga an domhain uile. Thug sé rinn-fhéachaint orm gur dhóigh liom gur ghaibh a shúil siar ’saniar tríom: féachaint ghéar, chruinn, scrúduightheach. Níor mhaith liom go n-osclóchadh sise a béal orm, tá sí rinn-leadhbach, níor dhuine ina diaidh me: an-ghéar, an-mhillteach as a teangain. Bíonn an fiadh rinn-luaimneach as a chosaibh: mear, lúthmhar chun luais (luathais). Thug an bráighe rinn-léim as ghreim a choimeádaidhe agus d’éaluigh: obann, láidir. An rinn-luisne a tháinig ina leicne go bun na gcluas nuair cuireadh a dhearmhad in iúil air: luisne mór, trom. Brúid theine go bhfuil sruth-ghainimh tríthe a rinn-loiscfeadh thu dá mbuailfeá do mhéar uirthi: a loiscfeadh isteach go smior duine. Leis an rinn-mheabhair atá aige ní mór an nath aige aon nidh bheadh bun os cionn do thabhairt fé ndeara: géar, aibidh san inchinn. Níl an tír seo fós ina rinn-neart maidir lé n-a cuid óigfhear do bheith oilte chun troda: in aoirde a nirt. Tá an uile rud ar rinn-órdughadh agam anois agus ní mór liom d’éinne iad do scrúdughadh: go héachtach maidir lé hiad do bheith ar threó cheart. Cé hé ná claoidhfeadh a rinn-rosc súd: súil a gheóbhadh tríot. Admhuigheann taobh aca gur pholl an taobh eile isteach ina dtreasaibh ach gur cuireadh rinn-ruathar ortha: mear, tapaidh. Aon dearmhad ná botún a déanfí ar fuaid an tsiopa ní éalóchadh uaidh tá sé chómh rinn-radharcach san: cruinn, géar as a shúilibh: breithnightheach. Sin fear nár mhaith liom a theanga do tharrac orm, tá sé rinn-ráidhteach: gonta ina charbhallaibh. Beir leat go ndearna rinn-rith chun na gcos do bhreith liom is an tóir dian ar mo shálaibh: rith mear, tapaidh. Tháinig sí laistiar de ar bhruach na habhann, thug rinn-sháthadh do, is theilg ’on uisce é: caitheamh obann mear. Na rinn-shaigheada a bhíos ann go mbíonn nimh ortha bíd chómh marbhthach lé haon rud eile: ceannaidheacha go mbíonn barraidheacha géara, gobanta ortha. Scannruigh an rinn-scian a bhí aige me, gheárrfadh sí cnámh duit: ceann géar-fhaobhrach. Nuair goirtigheadh é do leig sé rinn-scread as a chloisfeá i bhfad ó bhaile: liach: scread árd, géar, caol. Níor fágadh lighe na léighe agam, rinn-scriosadh me: scriosadh go géar is go hiomlán mé. Istigh ina cheann atá súil an diabhail chun duine do rinn-scrúdughadh, taidhbhseófí dhuit go n-aithneódh sé cad bheadh ar siubhal it aigne: cuardach dian, cruinn, séirseálach. Is aoibhinn amharc na n-eiteallán ag rinn-scuabadh na spéire: ag gluaiseacht trí mórchuid di. Eitealláin ag rinn-scuabadh an aoir, is báid fé thuinn ag rinn-scuabadh na mara ar thóir a gcreiche: ag gluaisteacht go fóirleathan. Thug sé a rinn-shearc di, budh bheag leis an saoghal mór di dá mbudh leis é: searc iomlán a chroidhe. Carraig fhada go bhfuil rinn-stuaic anáirde aiste: sprochaid nó gob géar uirthi. Dheineadh rinn-thafant ar é do thógaint uaithi, chuadar fúm is tharm, ach do dhiúltuigheas de: tafant dian. Rinn-thaighdeálaidhe ar an sean-ghaedhealaing dob eadh é, ná cuirfeadh faic i gclódh gan bheith lán-dheimhnightheach go raibh sé ceart: cuarduightheóir nó séirseálaidhe géar, dícheallach. An rinn-thart atá orm ní mhúchfadh an abha é: íota uathbhásach. Is iomdha rud atá go rinn-tearc anois toisc an chogaidh is gur danaid lé daoinibh déanamh dá gceal: an-ghann.

Chuir an iomad bídh rinn-tinneas air gur mheas sé go raibh sé sloigthe ar an láthair: tinneas géar, dian. Caith amach an fheóil sin, ní fhéadfadh éinne í d'itheadh, tá rinn-bholadh uaithi: géar: cabhruighthe. Éan rinn-ingneach an seabhac gorm: liodáin ghéara aige.

rinnce: *f.4.* geáitsidhe agus lingeadh éadtrom éascaidh cos, is corruighe is gluaiseacht chodrom, thráthamhail géag is cuirp de ghnáth lé ceól, damhas, baillchrith, léimreach mhear, súgradh, spréacharnadh, glioscarnach, corruighe ná beadh cómhacht air. Nuair thiocfaidh súd beidh malairt scéil agaibh, cuirfidh sé ag rinnce sibh, ní bheidh sibh chómh díomhaoin is tán sibh: cuirfidh sé anam chun gnótha ionaibh. Cuirfidh an mí-sheól so deireadh lé n-a chuid rinnce ar feadh tamaill: bainfidh sé smut den imtheacht nó den bhfuadar de. "An raibh fearg mhór air?" – "bhí sé ag rinnce": gach aon léim aige léi: a bhaill beatha gan aon tsmacht aige ortha. Bheadh sé ag rinnce lé háthas dá gcloiseadh sé an deagh-scéala: gach aon léim aige, etc. Nuair taidhbhsigheadh dom an chonntabhairt do bheith chómh geairrid sin dom bhí mo chroidhe ag rinnce im chliabh: ag eiteallaigh: luas air lé scannradh. Níl aon áit go mbeidh sé, lé n-a thábhacht dar leis, ná gur ceart do slighe dá chait chun rinnce d'fhagháil: a rogha ruda do dhéanamh: an áit do bheith fé féin. Tá gach aon deallramh gurb é rinnce an ghaid do rinnce déidheannach-sa: tú do chrochadh. Tráthnóna aoibhinn go raibh an ghrian ina casán treasna na farraige siar ag rinnce mar airgead, leachta ag fliuchaidh: ag spréacharnaigh. Arán do ghní rinnce: is fearrde an teasbánadh rud d'íoc as. Dhá dtrian rinnce gothaidhe: corruighe géag is corp is dúmas an chuid is mó de. Dá bhfaghadh sí cuireadh chun na cóisire bheadh sí ag rinnce chun dul ann: gach léim as a corp aice lé háthas. Gan aon chúis in ao'chor chugham dar bh'eól dom bhí sé ag rinnce chugham: an oiread san buile air chugham ná féadfadh sé fanacht socair. Is maith mear an chuma atá air, tá na súile ag rinnce istigh ina cheann le líonrith: ag léimrigh: ag corruighe: ag preabarnaigh. Nuair bhíos im leanbh óg chaithinn na tráthanna ag rinn-fhéachaint lé hiongadh ar sconnadh na habhann ag rinnce: an briseadh geal ag léimeadh is ag tuiteam. Níor bh'annamh sinn mall, déidheannach ó scoil ag cur ár gceaisilidhe ag rinnce ar an mbóthar: ag casadh tímcheall ar a spéara. Leagadh ar chasán na sráide me is d'imthigh a raibh d'airgead bán is ruadh agam ag rinnce ar na leacachaibh: ag léimrigh 'sag déanamh glóir. Nuair stadann an ceól stadann an rinnce .i. ní gnáthach rinnce gan ceól: nuair imthigheann an lúth leis an aois as chnámhaibh an duine bíonn deireadh lé súgradh nó damhas aige. Ní fheadair seisean cad bhíonn dhá dhéanamh leath a shaoghail aige bíonn a cheann ag rinnce air: ní bhíonn aon stuidéar incheann leis. "Beidh rinnce fada ag gabháil tímcheall, ceol bheidhlín is teinte cnámh": saghas rinnce go mbíonn cuid mhaith rann-pháirteach. Budh dhóigh leat gur máighistir rinnce é ar an imtheacht atá fé: cuma sheólta, éascaidh, éagconnta: cuma aerach, neamhthuiseach air i dtaobh an uile ruda ach a clódh. "Beimíd ag ól 'sag rinnce lé ceól, beimíd ag ól 'sag pógadh na mban". Babhta, oidhche, scoil, máighistir rinnce. Níl ceól ná rinnce agam, sin mar tá agam: gan aon fhonn súgraidh. Cuir an leath-choróin sin ag rinnce d'fhéachaint an bhfuil an glór ceart aice: caith ar áit éigin í go léimfidh sí tímcheall. Ar theacht chun chómhnaidhthe sa tigh nuadh dhúinn tar éis pósta thugamair oidhche rinnce dár gcáirde: cuireadh do chóisir chun rinnce is damhais is ranngcáis do dhéanamh. Ní hindiú ná indé iad san ag rinnce ar mo bholg-sa, ach tagann deireadh ar an bhfoidhne leis: ghom phasáilt: ag déanamh pé rud budh mhaith leo. Cómhthaláin (cóimhthionóil) rinnce mar bhíodh ann fadó ar na crosbhóithribh Dé Domhnaigh ní bhíd

ann feasda, hallaidhe atá ina n-ionad. Is é fuadar is imtheacht atá fé go bhfaghaidh sé rinnce lé gaoith lá éigin: go gcrochfar é. Is é saghas rinnce é atá aigesean rinnce na bpréachán: léim nó dhó go tuathalach mar gheáitsidhe.

rinnceach: *a.* tugtha do rinnce. Is rinncighe go mór muinntir an oileáin ná muinntir na mín-tíre, níl aon oidhche ná go mbíonn babhta aca: is mó a n-éileamh air. An ghrian rinnceach ar ucht na mara: corruighe na farraige ag tabhairt cosamhlachta airgid leachta ag fliuchaidh do thaithneamh na gréine. Ní duine rinnceach me, níor chorruigheas mo chos chun damhais riamh: níl a fhonn ná a thaithighe agam.

rinnceóir: *f.3.* damhasaidhe, duine gur féidir leis rinnce do dhéanamh. Rinnceóir ná brisfeadh ubh fé n-a chois .i. seólta, éadtrom, éascaidh.

rinnceóireacht: *b.3.* do dhéanamh rinnce; preabaireacht, neamh-shocracht. Ná bíodh aon rinnceóireacht léd chosaibh ar an úrlár, ní theastuigheann uaim tú do bheith ghom bhodhradh lé glór: mion-bhualadh is mion-chorruighe. Mórán iomaidhtheóiridhe ag dréim lé chéile ar an rinnceóireacht ag an oireachtas: gníomh is ealadha an rinnce. Is tú a ghní an rinnceóireacht dob fhearr ar an bport san: déanamh na ngeáitsidhe a ghaibh leis.

rinncim: *b.a. 7 n-a.* damhasaim, léimim, preabaim, eiteallaim, crothaim, crithim, cuirim ar casadh ar mhaighdeóig. Rinncfeadh sé ar thionnsúir duit tá sé chómh maith sin: an-rinnceóir a dhéanfadh greas ar mhéis 'sa béal fúithi. Rinncfidís sin ar mo bholg dá leiginn dóibh é .i. dhéanfaidís pé rud budh mhaith leó liom. Seim don té a rinncfidh duit, ach ní mise san: an té is dóigh leat a dhéanfaidh do thoil samhluigh leis é, etc. Ní rinncfeadh sí lé préachán!: níl aon mhaith chun rinnce innte. An rinncfeá an lon dubh?: an ndéanfá corradghail cos agus geáitsidhe cuirp i gcómhchomhthrom leis an bport san dhá sheimint? Rinnc a croidhe chómh luath agus chonnaic sí é chuir a obainne an oiread san líonrithe uirthi: phreab sé: chrom sé ar bhualadh níos tiugha. Rinnc an chrudh ar fuaid úrláir na ceárdchan, caitheadh chómh tréan san í: léim. Rinnceann sé lé feirg gan aon rud ach m'ainm do luadhadh leis: preabann is léimeann lé buile. Rinnceann a súil ina ceann nuair luaidhtear Éire: tagann solas innte is corruigheann lé háthas.

rinneach: *a.* gobanta, géar, bearrach, deilgneach. Níor mhór duit scian rinneach chun poll do chur sa chrios leathair: go mbeadh barra caol uirthe. Carraig rinneach nár mhór duit bróga teanna, láidre chun do chosa do chosaint uirthi: géar: bearrach.

rinneach: *f.1.* leirg chaol thalmhan ag rith amach 'on bhfarraige. Caladh báid, iascairidhe rinnigh.

rinnseach: *f.1.* séithleach seanduine. Maireann mórán go mbíd ina rinnsigh, nách mór go mbíonn a ndeilbh san éadach. Ní lé n-a mhéid bliadhan é go bhfuil cuma an rinnsigh air, críon, caithte: séithleach.

rinnseáil: *b.3.* sruthlughadh, do ghlanadh lé huisce; ádhbhar; dríodar. Na cupaidhe do rinnseáil agus do thriomughadh is rian an bhainne do bhaint díobh: an can do bhaint díobh lé huisce. D'fhan rinnseáil phlúir ar thóin an mhála gan áis do bhaint as:

salacharáil: ádhbhar gan caitheamh. Cuarduigh, féach a bhfuil aon rinnseáil thobac ar thóin do phóca a líonfadh an phíp, táim caillte gan gal: fuighleach nó dríodar. Shaoileas i dtosach na bliadhna ná beadh an rinnseáil fhéir atá ar an dtalamh air do bhí sé chómh déidheannach san ag teacht suas: salachar beag féir. Má tá aon rinnseáil annsan caith chun na muice sin é is ná bíodh sí ag ullfartaigh: dríodar bídh mar croicinn phrátaidhe, etc. "Do bhí cártaidhe maithe agat an uair úd" – "bhí rinnseáil agam aca": ádhbhar. Tá rinnseáil éigin ghaoil eadrainn i bhfad amach dá mbeadh eólas agam air: salacharáil: beagán: ioscad éigin. Ná hith a bhfuil ann, fág rinnseáil éigin agam-sa: ádhbhar beag éigin.

rinnseálaim: *b.a.* glanaim lé huisce te. Ná cuir aon rud sa bhuidéal san go bhfuil rian bainne air go rinnseálfair lé huisce te é: go nighir. Rinnseáil na háruistidhe. Rinnseáil na stocaidhe san abhainn: sruthluigh iad: tairng tríd an uisce iad go n-imthighidh an salachar.

rinnseálta: *a.r.* glanta (lé huisce). Áruistidhe rinnseálta glan, triomuighthe. Mo phócaidhe rinnseálta go maith ó bheith ag imirt chártaidhe: glan, scriosta.

riobailín: *f.4.* búndún, earbaillín, scoithín. Faigh an soisiúr is bearraidh na riobailínidhe atá ar sileadh léd chasóig: scothanna beaga: búndúin. Bain an riobailín ded bhaoite, is beidh sé níos iascamhla: blúire a bhíos ar sileadh leis. Bairéad dubh is riobailín dearg air: dual: scoth.

ríobal: *f.1.* éadach (a bhun nó a chiumhais) go mbíonn salachar nó lathach ceangailte ann; bun triubhais, íochtair mná a bhíos ag scríobadh den dtalamh salach. Caith dhíot anuas nó gheóbhair fuacht táir id ríobal: mar tairngeófí tríd an uisce nó tríd an lathaigh thu. Gach aon tráth den ló bhíodh ríobal ort ó bheith ag gabháil tríd an lathaigh: láib na talmhan ceangailte isteach san éadach. Ag tarrac a binn ina diaidh lé ríobal: ina stroill ar an dtalamh, lathach. Bean ghasta ná fuil aon ríobal uirthi féin ná ar a gnóth: níl a cuid éadaigh ina stroill ina diaidh ní lugha tá ná aon cheal snasta ar a cúram. Ní fheaca riamh thu ná beadh ríobal éigin ort: iomard éigin gnótha díreach mar bhíonn láib ar an éadach. An rabhais riamh gan ríobal? rud éigin ar sileadh leat?: do ghnóth gan déanamh, breall nó easbhaidh éigin ort.

rioblach: *a.* íochtar nó éide bheith ina stroill ar an dtalamh, neamhghasta (éadach); stroilleach salach as an íochtar; stractha, stróicthe. Cailín neamhghasta ise, bíonn gúna rioblach i gcómhnaidhe uirthe: a bhíos ina diaidh sa lathaigh. An iongadh leat slaghdán do bheith ort sa brógaibh rioblacha san: stractuighthe, stróicthe.

riocht: *f.3.* aiste, cuma, dealbh, can, cosamhlacht; cumas, acfuinn, gustal. Dá bhfeictheá thu féin anois mar chidhimíd-ne thu is an riocht atá ort thiocfadh an ghráin mhairbh agat ort féin: an clódh, an chuma. Táir i reachtaibh tú féin do ghortughadh mara bhféachair rómhat: ar tí. Cuireadh an oiread san feirge air go raibh sé i reachtaibh duine do mharbhadh: oireamhnach, réidh: an aigne sin aige. Bhíos i reachtaibh pléasctha ar gháiridhe, ach gur choisc an náire me ar an slighe a bhí sé ag déanamh a bhotúin gan a fhios aige: ar tí: ar barrghail: ar an aiste sin. Cé nár thuigeabhair ar an uain sin é bhíobhair i reachtaibh bhur mbáidhte: ar chlódh go mbáidhfí sibh: in athchomair do. Táim i

reachtaibh (riochtaibh) tuiteam i bhfanntais de cheal bídh: buailte leis. Is oth liom ná fuilim i riocht a dhéanta, budh bhreágh liom san ach níl sé de neart aigne agam: ar mo chumas. Tuairm gach éinne na héireóchaidh liom raghad chómh fada lém riocht air: chómh fada lém chumas. Ná cuir tú féin thar do riocht mar ghoirteófá thú féin: thar do chumas: thar a bhfuil ionat do dhéanamh. Cuireadh an t-ainmhidhe thar n-a riocht nuair cuireadh ualach ró-throm air: thar a acfuinn. Dá mbeinnse id riocht ní leigfinn aon chao tharm gan áis do bhaint aiste: it ionad. Ar a chéill seadh cuideachta shuairc seadh é ach ar riocht meisce theichfeá na mílte uaidh: ar aiste mheisce. Ná bíodh aon mhilleán agaibh orm, ní fhéadfainn a thuilleadh do dhéanamh ach dul chómh fada lém riocht air: dul chómh fada agus b'fhéidir liom in ao'chor. Baineadh dá bhonnaibh é nuair chuaidh sé amach thar a riocht: a aoirde féin d'uisce. Rí i riocht bacaigh seadh é: duine uasal ceart dá olcas clódh atá air. Is mór go léir an iongadh an fhaid mhaireann sé, tá sé i riocht bháis lé seachtmhain: ar thuilleamh báis: i mbéal bháis. Chuir sé cuid mhaith bhídh i dtaisce i riocht is dá mbeadh gannchar ann de chionn an chogaidh ná beadh aon easbhaidh air féin: ionnas: ar chuma. Is minic ná taidhbhsightear san riocht chéadna an t-aon rud do bheirt: nách é an crot céadna a bhíos air. Budh cheart duit a chur in iúil in am dúinn go rabhais ag teacht i riocht is go mbeimís réidh, ullamh id chóir: ionnas: i dtreó. I riocht cailínidhe a ghaibh na buachaillidhe tímcheall lá an dreóilín: gléasta mar san. An bád i riocht súncáil lé n-a bhfuil d'iasc innte: i mbaoghal mhór. Leig sé air leó ná raibh sé riamh roime sin ar an mbaile i riocht is go mb'fhéidir go bhféadfadh ádhbhar éigin tuarasgabhála d'fhagháil go neamhthuiseach uatha: lé hionchas. Staon anois, bhís ag déanamh go maith go dtí go ndeaghais as do riocht: thar an méid is eól duit. Tháinig sé isteach i riocht an diabhail ach ná raibh na hadharca ná na crúba air: i bhfuirm .i. bhí dásacht an diabhail fé. Tá sé an-chliste chun aithrise do dhéanamh ar dhaoinibh, chuirfeadh sé é féin i riocht chainnte éinne atá ar eólas aige gan mórán duaidh: dhéanfadh sé aithris chruinn ortha. Ní fuláir nó ní bhfaghann sé leath a dhóthana lé n-itheadh tá sé sa droich-riocht san: tá aiste clóidh chómh holc san air. Chuaidh sé i mbréig-riocht chun ná haithneóchadh éinne, leig sé féasóg air féin, chaith spéaclaidhe agus leig air do bheith bacach: d'athruigh sé a chlódh chun iomrall aitheantais do chur ar dhaoinibh. Má bhí aon dream daoine riamh in ain-riocht táid – a ndúthaigh gabhtha, an bheatha dóighte, laitighthe, a bhfurmhór gan fothain oidhche: ar dhroch-aiste. Cad do chuir san ain-riocht so an domhan go gcaithfidh bheith ag gabháil stealla ar a chéile: cad do thug dóibh do bheith ar an gcuma mhillte seo. Ní aithneóchadh éinne choidhche i mbréig-riocht sagairt thu: do chlódh féin malartuighthe agat ar chlódh is cuma an tsagairt. Cuireann sé thar mo riocht me an méid seo do thabhairt duit ach ó tá dian-ghábhadh agat leis caithfear é do dhéanamh: thar mo chumas airgid, etc.

riocht-aithris: *b.2.* déanamh, iarracht do dhéanamh dréir; coipidhe do dhéanamh de gach nidh; ag gabháil cuma nó clóidh nách nádúrtha do dhuine. San tír seo tá fós daoine a bhíos ag déanamh riocht-aithrise ar ghallaibh: ag gabháil a mbéas is a nós chúcha. Dhéin sé múnla nádhbhóige i riocht-aithris ar nadhbhóig mhóir nár fhág ball di ar lár: do dhéanamh coipidhe cruinn de gach ball di.

ríodhg: *b.2.* (*-ídhge*) teadh (obann) preab, fonn obann, aibidh, rud éigin do dhéanamh ar an láthair; taod, doigh, arraing nó síog tinnis, taod nó taom feirge, fionnach; taidhbhreamh. "Buailfinn idir an dá shúil thu chómh tapaidh is d'fhéachfainn tharm" –

“dá dtagadh (thagadh) sé de ríodhg ionat”: de thaidhbhreamh (bheadh a fhios agat cad gheóbhfá) .i. a dhubhshlán fút. Tháinig dhá ríodhg ionam é d’fhágaint im dhiaidh sa diabhal, do leigeant do bás nó beatha do bheith aige pé rud do stad me: teadh: smaoineamh obann. Tóg é nuair gheóbhair é, ní fheadrais cad é an ríodhg a thiocfadh annsúd go n-athróchadh sé a aigne, mar duine taomanach é: teadh, leagadh nó báidh obann a mhalartóchadh a aigne. I gcorp-lár an ghrinn is an aoibhnis istigh tháinig ríodhg ann gur fhág sé: fonn obann chun gnímh áirighthe gan réamh-mhachtnamh. Nuair chonnac an nathair rómham ar an gcasán go hobann thugas ríodhg: léimeas: thugas preab nó geit: baineadh dem threóir me. In aois a thrí fichid do tháinig ríodhg ban air gur phós sé: taod: spreagadh obann chun ruda do dhéanamh ná raibh lá dá chuimhne roimhe sin aige. Ní mór ná gur bhris sé a chroidhe ag gol, annsan tháinig ríodhg air gur chrom ar gháiridhe: claonadh obann leis sin. Cuireann an ceól bríoghmhar úd ríodhga tríom: ritheann síoganna spreagtha tríom dá chlos. Ní tháinig de ríodhg ionam dul ’on chogadh so tá malairt céille agam: níor taidhbhrigheadh dom é. In a ríodhgaibh do thagann an tinneas air: ina ghathaidhibh obanna gonta. D’imthigh ríodhga tinnis ó bhonn mo chos trí mhullach mo chinn amach: doigeanna, spreannganna tinnis, síogaidhe braithteacha. Níor cheart bheith ghá spriogadh chun aonnidh, tagann ríodhganna ann: spreannganna go ndéanfadh rud as an slighe. Tháinig sé de ríodhg ann maidean bhreágh áirighthe gur fhág sé a thigh ’sa theaghlach annsan gan rabhadh gan éachtaint, is a thuairisc ní bhfuairtheas ó shoin: teadh obann. An ghuilm oibre seo do chidheann tú indiu air, is ina ríodhgaibh do thagann sí air: taomacha. Tháinig ríodhganna fuara air gur b’éigean do gabháil leis an leabaidh agus rudaidhe teó do chur leis chun é do choimeád ó baillchrith: freangaidhe. Ná tagadh sé de ríodhg ort go n-osclóchair do bhéal, nó millfir ár n-iarracht: de spreanng: ná buailtear go hobann it aigne gur cheart duit labhairt. Tá sé suaimhneasach go maith lé fada anois, is mithid do ríodhg achrainn do theacht air: taom obann. Má tá triomach is teas féin againn is gnáthach leis an aimsir annso go dtagann ríodhganna air: athruighthe olca obanna. Ina ríodhgaibh do thagann galántacht air: ar aitreamhaibh a bhíonn sé mar sin, ní do shíor. Ar an ríodhg aighnis atá air ní stadfaidh sé indiu: an búithré obann chun scaoileadh lé n-a theangain.

ríodhgach: *a.* taomach, taodach, spreanngach, aitreamhach, buileamhail, preabthach. B’amadántamhail an rud muinghin puinn do chur ann go leanfadh d’aonnidh é go mbeadh foidhne ag dul leis, mar duine ró-ríodhgach seadh é: duine nách luaithe ar an ngaoith Mhárta ná ar a inntin. Ar phrap na súl dhéanfadh sé aon rud, tá sé chómh ríodhgach san: spreanngach: taodach: tapaidh chun gnímh do dhéanamh a luaithe is bhuaileann an teadh é. Ní tinneas cómhnaidhtheach in ao’chor atá ag gabháil díom ach tinneas ríodhgach, is amhlaidh thagann sé ina ghathaidhibh orm: a thagas ina ghathaidhibh nimhneacha ó uair go huair: aitreamhach. Nuair thagann an bhuile air, tagann sí air go ríodhgach: go fíochmhar. Capall maith, an-mhaith, seadh é, ach é do bheith ríodhgach, bhainfeadh páipéar lé gaoith geit as: sceinnideamhail. Na cathanna ríodhgacha atá dhá chur idir an nGearmáin is an Rúis tá na mílte fear ag tuiteam ar nós cuileanna: fíochmhara, dásachtacha.

ríogacht: *b.3.* flaitheas ríogh, feidhm, úghdarás, cómhacht ríogh; árd-cheannas. Shiubhlófá na Trí Ríogacht(a) sara bhfaghfí do leithéid eile d’alfraits: Éire, Alba is Sasana. Rí seadh fear leathshúl i ríogacht na ndall: ar a líon. Dá bhfaghainn an ríogacht

mar ritheann sí ní dhéanfainn beart chómh sprionnlaithe: níl aon dul go ndéanfainn é. Chaithfeadh sé ríogacht tá croidhe chómh mór san aige: tá sé an-fhlaitheamhail. Má chuireann macántacht is deaghchroidheacht éinne go ríogacht na bhflaitheas tá sé ann: neamh. Ríogacht gan duadh ní dual go bhfachtar: caithfear saothar do dhéanamh ar son ruda do shroichstint. Dá mbeadh aon ríogacht agam-sa air ní bheadh sé ag imtheacht lé haer an tsaoghail mar tá sé: righe: cómhacht smachta: úghdarás. "Go dtigidh do ríogacht": go raibh do chómhacht is t'ughdarás fóirleathanadamhail ameasc na cinidh daonna. Ríogacht Dé gur leat an lá déidheannach: ar neamh go dtéighidh t'anam. "Agus bhéarthar an ríogacht agus an tighnearnas agus mórdhacht na ríogachta faoi neamh go hiomlán do mhuinntir naomh an té is aoirde, noch ar ríogacht síorraidhe a ríogacht agus fóghanfaid is umhlóchaid an uile thighearnas do" (Dan. VII. 27): réim ughdaráis is cómhachta. Is fusa do chamall gabháil trí chródh snáthaide 'ná don nduine saidhbhir dul go ríogacht na bhflaitheas: neamh, an domhan spioradálta go bhfuil Dia ina riaghalthóir air. Táim im rí gan ríogacht .i. is mó go mór do samhluightear dom 'ná mar shealbhuighim. "D'fhreagair Íosa, ní don tsaoghal so mo ríogacht-sa; dá mbudh den tsaoghal mo ríogacht gan chonntabhairt do dhéanfaidís mo mhuinntir cathughadh; ionnas nách dtiubhasthaoi do na Iuduidhibh me, ach anois ní as so mo ríogacht-sa" (Eóin XVIII. 36) .i. ríoghacht spioradálta mo ríogacht-sa. "Agus adubhairt Sé 'go fírinneach adeirim ribh, muna bhfuiltí agus muna mbeithí mar an leanbh san nách rachthaoi isteach don ríogacht neamhdha" (Matha XVIII. 3): an domhan spioradálta atá fé chómhacht is ughdarás Dé.

riogáil: *b.3.* gléasadh, cóiriughadh, gabháil luinge, gabháil bhláthmhar. An chéad ghála a bhuailfidh an riogáil lobhtha san imtheóchaidh sí ina blodhtachaibh: na téada nó na cáblaidhe a bhíos i dtacaidheacht na gcrann, na slat is na gcleitheach. Maidir lé héadach dathach is hata príomhaidhe is bróga gléasacha d'inghin mhna boichte tá riogáil uirthi: gabháil is gléasadh neamhchoitcheann. Tabhair a cómharaidhthe dom. Cad é an saghas riogála a bhí uirthi?: connus bhí sí gabhtha. Níl an long oireamhnach chun farraige fós, tá sí dhá riogáil ina cóir: dhá ghléasadh .i. téada, cablaidhe, slata, seolta, etc. dhá chur uirthe. Sin a bhfuil d'éadach aige, an riogáil chéadna gach aon lá: an chulaith chéadna. Ná caith an lá ghod riogáil féin: ghod ghléasadh féin go mbeadh cuma shnasta ort. Tar éis na riogála go léir ní haon phéacóg í: dá fheabhas iarracht chun clóidh do thabhairt uirthi féin, mar a chéile é.

riogálaim: *b.a.* gléasaim, éidighim, cuirim long (bád etc.) i gculaith. Riogáil go teann í i gcóir na farraige coimhthighe: bíodh a téada a cáblaidhe is a táclaidhe go daingean láidir. Riogáil sí í féin mar dhéanfadh inghean mná uaisle, gur dhóigh leat uirthi nár chaith sí lá bocht riamh: ghaibh sí féin in éadach shnasta, dhaor. Níor fhág an gála luid uirthi ag teacht aniar ó Bhaile Sheáin ach riogáladh chun farraige airís í: cuireadh culaithirt nuadh uirthi.

riogálta: *a.r.* gléasta, gabhtha, cóirighthe chun farraige. Aon lá, aon uair anois, tá sí oireamhnach chun farraige, í riogálta ó fhosta go snaidhmin: gabhtha: téada, seólta, etc., a comhthrom díobh curtha uirthi. Ambaiste féin go bhfuil ingheanacha na mbocht anois chómh riogálta leis an gcuid is fearr aca: gléasta chómh péacach. Bhuail sí chughainn isteach go deigh-riogálta: oireamhnach d'aon tsín (long, bád etc.): deigh-ghléasta (bean).

ríoghamhail: *a.* ar nós ríogh, ag baint lé righ; de chéim ríogh nó bainríoghan, maiseamhail, mórtach. An líon tighe ríoghamhail .i. an ceann (cinn) corónach agus a mhuireas. Bíonn bórd ríoghamhail sa tigh sin aca: flaitheamhail, fial. Fuair sé cómhacht ríoghamhail ar an gceanntar ar fad: iomlán. Thug an t-uachtarán déanamh ríoghamhail dom nuair chuadhas ar cuaird chuige, gach aon chóir ní b'fhearr 'ná a cheile: iongtach ar fheabhas.

ríoghamhlacht: *b.3.* mórdhacht, arrachtas is stuaim ríogh; tréith ríogh, mórtacht, mór-chúis, etc. ríogh. Ríoghamhlacht ag baint le hÁth Cliath ná brathfá i mórán áiteann eile: mórtacht thar chathrachaibh eile. Taithnigheann ríoghamhlacht Bhriain lé gach staraidhe: a phearsantacht is a thréithe. Deirtear nár chuir sé puinn suime san ríoghamhlacht nuair haith-ríoghadh é, ná raibh sé riamh ceanamhail uirthi: cómhacht is feidhm ríogh.

ríoghan: *b.3.* (**ríogan**) bainríoghain, bain-fhlaith, bean áluinn, maighdean thaithneamhach. Agus gur iomdha san ríoghan súil-ghlas do thug taithneamh duit: maighdean go n-imtheacht ríoghamhail fúithi. A ríoghan na bhfolt bhfionn: baineannach mhaiseamhail, lán-uasal.

ríoghdha: *a. n-dh.* ríoghamhail, flaitheamhail, mórtach, maordha. Dá mbeadh cathaoir ríoghdha sa tigh againn in ionad an chinn tsúgáin seo, budh leat í: ceann gur chuibhe dho righ suidhe innte. Dá dtuigimís i gceart é ach níor thuigeamair, suidheachán ríoghdha a bhí tuillte aige uainn: maith a dhóthain do rígh: mar oirfeadh do righ. Níor chuir sé chun aon nidh do dhéanamh riamh ná go ndeárna sé go ríoghdha: mar budh chuibhe ó righ. Áruistidhe ríoghdha atá ag muinntir na tuaithe anois seachas na botháin a bhí aca bliadhanta ó shoin: maiseamhla: mórtacha. Fuaireas an té go dtugtí rí an oileáin air ina thigh ríoghdha: ina phálás.

ríoghdhacht: *b.3.* aiste, tréithe ríogh, stuaim, mórchúis; laimhthighiseacht; daoine go mbíonn céim ríogh nó bainrioghan, flatha nó bainfhlatha aca. Ní mór ná go bhfuil ríoghdhacht na hEóraipe uile teichte go Sasana ón gcogadh, ar choimirce na dúthaighe sin: cinn corónach, flatha, etc. Fear seadh é go bhfuil an braon ceart ann, tá ríoghdhacht ag baint lé gach rud dá ndéineann sé: tréithe righ ionta.

ríoghthach: *f.1.* fara na rotha go mbíonn na gathaidhe nó na reathacha ón mol amach greamuighthe ann; fleasc (adhmaid). Ríoghthaigh lobhtha: rothanna ar fán.

ríomh: *f.3.* (d')áireamh, (do) thrácht, (d')aithris, do chur síos, (do) chóiriughadh, (do) tharrac (tharraing); líon; cúnntas. Budh chóir go bhfuil an cúnntas ceart againn an ríomh céadna atá déanta ag an dtriúr againn ar a bhfuil ann: an t-áireamh ceart. Lé meas mór air féin agus tóirtéis thabharfadh sé na tráthanna ag ríomh a ghaisce, budh dhóigh leat nár dhein éinne riamh aonnidh ach é: ag trácht uirthi. An dligheadóir ag ríomh méid mo chortha don gcúirt, ceann ar cheann dhá gcur ina luighe ortha: ghá n-áireamh. Is leagtha lé bheith ag ríomh rabhcan é ná lé hobair: ghá gceapadh. Dá mbeadh sé d'iarraidh a fhiadhnaise ann do ríomh choidhche go ngeóbhadh an mhuir adtuaidh ní éireóchadh leis, éitheach atá aige: do mhíniughadh. Fiafruigheadh díom fáth go rabhas ann gan chead gan

ghnóth do ríomhadh, óir gur thaidhbhsigh sé an-amhrasach: d'aithris is do mhíniughadh. B'ait leat an leanbh, dá óige é, d'iarraidh cosamhlachta ainmhidhthe, dar leis, do ríomh lé cailc ar an slinn: do tharrac (thairng). Ag ríomh mo chostaisidhe le peann is páipéar: dá gcur lé chéile in eagar a léighte. Budh bhreágh leat bheith ag éisteacht leis ag ríomh saothair na bhfilidhe ina theangain bhinn mhilis: ag aithris.

ríomhaim: *b.a.* áirmhighim, aithrisim, innsim, mínighim, maisighim, cuirim in eagar. Ní raibh scéal ná duain, eachtra ná eólas ná ríomhainn di lé maolughadh an tráthnóna suidhte ar an gceann os chionn na mara: ná haithrisinn: ná cuirfinn i ndiaidh a chéile go cruinn in eagar. "Ar aithris suidheamh gach aiste a ríomhas don bháin-chnis shéimh": a chuireas lé chéile di. Ríomhfad an uile rud atá déanta agam im bheatha gan cheilt gan chúnntar: aithriseóchadh ceann ar cheann mo bheartha. Dubhairt go ríomhfainn dán i gcóir an chruinnighthe ach níl an fhilidheacht ag teacht liom: go gcúmfainn. Ríomhann sí dréachta áilne ar lín éadach: déineann gréis air. Ríomhfadh radharca sráide go han-mhaith: thairngeóchadh, dhathóchadh.

ríomhtha: *a.r.* aithriste, innste, curtha in eagar. Sin díreach mar tá ríomhtha sa sean-leabharthaibh i dtaobh an chatha: curtha síos: aithriste. Dá mbeadh gach nidh dá ndeárna im bheatha ríomhtha im choinnibh, bheadh sean-bhlas agam orm féin: curtha nó áirmhighthe im choinnibh.

riothughadh: *f.* (*-uighthe*) ag rás, ag rith, ag gluaiseacht gan cómhnaidhe. An dtéigheann aon lag ort? ní fheacthas riamh thu ach ag riothughadh: ag síor-chorruighe ó bhall ball. Cad é an riothughadh atá ar na hainmhidhthibh sin ná fanaid i bhfochair a chéile: ag leaghadh ó chéile mar thréad.

rí-rá(dh): *f.1.*, *f.4.* scléip, caitheamh aimsire gleódhach, calán, dul trí chéile, éirghe anáirde. Dar libh-se ná fuil annso ach seódh, creid mise leis go dtiocfaidh rí-rá(dh) fós as: calán, gleódh is clampar. Is mór go léir an rí-rá(dh) fé chlainn duine bhoicht é, cad fáth na síodaidhe is an teasbáinteas ar fad?: éirghe anáirde: taidhbhse. Cad thiocfaidh as an rí-rá(dh) so ar na páipéaraibh mar gheall ar an marbhadh so nách féidir aon réidhteach do thabhairt air: an calán: an gleódh go léir ag iarraidh gnímh. Níl aon pháirt d'Éirinn ná go raibh daoine ar an gcéilidhe as agus mara raibh rí-rá(dh) aca ní lá fós é: sult is caitheamh aimsire ar a dtoil. Tar éis an rí-ráidh go léir a bhíodh fé, an dúmas saidhbhris agus an leigeant air, nuair cuireadh ar a thástáil é níor chathair mar a thuairisc é: scléip, éirghe anáirde: saoghal fústrach, taidhbhseach. Má mhairimíd, agus cá bhfios ná go mairfimís, leis an lá go mbeidh Seán Buidhe ar lár beidh rí-rá(dh) againn lé hintinn: rachfam lé trom-ól ina cheileabhradh. Dhéanfadh leath an rí-ráidh sibh, cuimhnighidh gurb é an Domhnach atá ann agus go dtógfadh na gárdaidhe ceann d'aon ghlór a chloisfidís: ní gábhadh in ao'chor an gleódh suilt atá agaibh.

rís: *b.2.* fás (féar) go bhfuil síol mineamhail ann, mar cruithneacht etc., a d'itheann daoine. Tomhaltas ríse: rís cóirighthe lé n-itheadh.

ríste: *f.4.* fuairthé, liostachán, leadaidhe, díomhaointeóir. Ríste gur cuma leis gnóth ná obair faid gheóbhaidh sé greim do chur ina bholg is snáth ar a dhrom: duine fuar

díomhaoin. B'iongadh lé duine cad chothuigheann iad, nó an ó neamh do thagann a mbeatha chun na rístidhe do chidhfeá ó ló go ló tímcheall tighthe ósta: iad so a chidhfeá suidhte ar tholgaibh tighthe ósta nó ag scraistidheacht tímcheall na ndóirse etc. Nuair ná bíonn aon iascach ar siubhal aca chidhfeá ina rístidhibh iad cois na bhfallaidhe tímcheall ceann an chéidh: daoine ná bíonn faic lé déanamh aca ach a ndrom lé fall nó sínte siar go leisceamhail. Má thaithighir mar tá agat dhá dhéanamh fé láthair imtheóchair id ríste agus lá den righe ná den rath ní rachfaidh ort: id leadaidhe: déanfaidh díomhaointeóir fuar díot.

rístidheacht: *b.3.* díomhaointeas, scraistidheacht, fuairthéacht. Is fusaide go mór dóibh an rístidheacht is bheith ag leigeant ortha mara mbeadh oilceas an tsaoghail ná beidís chómh neamh-chúramach: scraistidheacht: díomhaointeas is tnúth ar dhaoinibh eile. Chuaidh an rístidheacht ceangailte isteach ina chnámhaibh i riocht is ná féadfadh sé faic do dhéanamh anois: an fhuairthéacht. Lé rístidheacht do chaith sé a shaoghal is a rian, is beag dá thairbhe aige indiu: díomhaointeas is manaois cúraim is gnótha.

rith: *f.3.* (*reatha*) gluaiseacht mhear, thapaidh, rás, corruighe luath éascaidh – lé rudaidhibh beó agus neambeó; gluaiseacht ar poc-chéimibh i dtreó ná beadh ceachtar des na cosaibh ar an dtalamh ar feadh scathaimh bhig; dul is teacht; dul i gcomórtas ráis; casadh mar dhéanfadh roth ar mhaighdeóig, etc.; searradh nó sroicheamhaint; do dhul ó stáid go stáid eile; gluaiseacht mar dheineann lacht nó leann; do thárlachaint go minic; do chur isteach i; do thiomáint; do threórughadh, nó do stiúradh; d'oibriughadh; sleamhnughadh; caighdeán fola, mianach. Beidh ag rith riamh is choidhche leis go mbuailfidh duine éigin uime ná foidhneóchaidh a chuid geócaireachta uaidh, agus sin deireadh leis: ag éirghe. Is fada atá ag rith leis an mbitheamhnach: ag tabhairt na gcos leis: ná beirtear air. D'fhágamair an baile go dóchasach is bhí ag rith linn go breágh gur bhris an fearas stiúrtha: ag éirghe linn. Dá mbeadh ag rith leis ní dhíolfadh sé an áit, ní fuláir nó is amhlaidh do bhí sé ag cailleamhaint airgid ann: ag dul chun cinn. Beidh daoine ag rith lé chéile chughat nuair beidh gustal agat: iad ghá fhéachaint lé chéile chun do choidrimh do dhéanamh. Ná bí ag rith leat féin, ní fhéadfainn foidhneamh lé bladhgar ná éitheach dearg uait: ag dul lé háidhbhéis ar fad. Nách dóigh leat ná go bhfuilir ag rith leat féin nuair deirir go siubhlófá dathad míle lá ar lá?: ag bladhgar. An teanga atá ag rith leis, ina chroidhe is ina stuidéar ní chreidfeadh sé leath a n-abrann sé: níl sé ag luighe leis an bhfírinne. Long seóil ag rith lé gaoith is breágh an radharc í: cruinn díreach roimis an ngaoith. Is oth liom iad bheith ag rith lé fánaidh lé tamall anois, bhídís go maith as tamall: ag dul ar gcúl, chun deireadh, i mboichte. I lár a bhfuil ar t'aitheantas, an mbíonn éinne eile ag rith leis an oidhche ach thu?: an gnóth gan déanamh choidhche is i gcómhnaidhe go mbeireann an doircheadas air: ar ghéirdhícheall d'iarraidh gnóth an lae do bheith críochnuighthe roim thuiteam oidhche. An aimsir is me féin ag rith lé chéile .i. d'iarraidh ruda áirighthe do bheith déanta agam in am áirighthe agus breis is mo dhóthain cúraim orm san do dhéanamh. Ag rith lé hairgead na ndaoine atá sé riamh: ghá chúbláil chuige, ghá choimeád, is san ag éirghe leis. Tá dearmhad mór ort más dóigh leat go mbead-sa ag rith fiach leat: ag leigeant duit breis is breis fiach do bheith agam ort gan a mbaint amach. Deir an dochtúir dá dtéarnóchadh an duine breóidhte an oidhche anocht go bhfuil gach aon dul go mbeadh rith an ráis leis: go dtiocfadh sé ina shláinte cheart airís. Beir go dtín tarbh an bhó san tá sí ag rith léi féin: fé dháir: ar fuaidreadh mar bhíonn bó go mbíonn éileamh ar an dtarbh aice. Budh cheart duit do bheith buidheach de Dhia is rith an ráis do

bheith leat, bhís i gconntabhairt cheart, agus is maith do scarais leis: gur éaluighis. Nuair bheir i mullach an mháma san beidh rith bodaigh lé fanaidh as san síos agat. Toisc an oiread san daoine do bheith ann lé freastal bídh ortha is gan ach beirt fhriothálaidhthe bhí rith mhadra an dá cháis ortha: níor bh'fhéidir leó friotháilt i gceart ar éinne, nuair bhídís annso bídís d'iarraidh bheith annsúd. Bí ag rith leat anois, níl aon déirc lé fagháil indiu agat: ag imtheacht gan a thuilleadh moille ná buaidhrimh. Ní fhéadfá choidhche rith liom-sa, a cham-reiligigh!: congbháil ar chóimhrian liom i rás. Dá mbeadh mo shláinte ag rith liom budh chuma liom, dhéanfainn mo bheatha ar shlighe éigin: ag éirghe liom: í do bheith agam. Níl an saoghal ag rith go ró-mhaith leis lé tamall: ní bhíonn a chúrsaidhe ádhmharach. Bhí ag rith riamh leis go dtí so .i. tá beartha air sa deireadh: tá breis is a chomórtas istigh anois leis .i. tá sé ar a tharrac anois aige. An rath ag rith ort gach lá ded shaoghal, is mor é do chroidhe agus is geal í t'aigne: an rath gan staonadh go raibh ag teacht ort. Aon té ní raibh ar an sráidbhaile go dtí indiu, tháinig rith air ná raibh gráine ann i gcionn leath-uaire: éileamh is glaodhach trom, obann. Chuir an scéal obann olc so an oiread san anamhóna orm go bhfuil mo chroidhe is m'aedheanna ag rith ar a chéile ó chuala é: luas croidhe is suathadh. Mo chroidhe is m'aedheanna ag rith ar a chéile gen staighre fada, seasuightheach san .i. ní mór go bhfuil ionam m'anál do tharrac. Cuireadh an dlighe air i dtaobh a mhadra bheith ag rith ar chaoirigh na gcómharsan: ghá dtóraidheacht is ghá gciapadh. Is gránda, mílítheach an chuma atá air, tá an bás ag rith air: ag gabháil trí gach ball de. Mara bhfuil aon rith ort suidh is bíodh cómhrádh againn: aon deifir. Chuaidh sé ag rith uirthe, go raibh duine clainne aice leis: chumaisc sé í. Beidh áthas ort a chlos go bhfuil sé ag rith ar an mbán do féin airís tar éis na cinneamhna san: ag gabháil lasmuigh chómh héascaidh is bhí sé riamh. Galar coitcheann é sin atá ag rith ar na daoinibh: ag gabháil ó dhuine go duine is ghá mbualadh .i. ag rith ar a lán. Tinneas diabhail éigin atá ag rith ar mo dhrom: ag imtheacht ó bhall ball air. Bhíos ag rith fén ndoras nuair thuit ceann an tighe i ngabhal a chéile: ag gluaiseacht go praitineamhail ina threó. Féach an clódh atá ar do bhratach anois is na dathanna ag rith fé: ag scaipeadh. Coinínidhe chómh flúirseach san ar an nduimhch go rabhadar ag rith fém chosaibh .i. go rabhas ag satailt ortha. Coiscfead an t-éitheach so atá ag rith fén ndúthaigh im thaobh, nó beidh sé fóirleathanadamhail: ag scaipeadh. Is mór an truagh go deó an ceól binn sin do bheith ag rith fé thalamh, ná faghfí éinne a rinncfeadh leis: ag imtheacht ina roilleach. Ná tóg aon cheann de san tá an éagconntacht san ag rith fén bhfuil aca: is dual dóibh ó ghlúin go glúin do bheith mar sin. Brathaim an deoch láidir sin ag rith fém bhallaibh: ag gabháil trí gach pioc díom. An gcreidfeá é go raibh sé ag rith fém fhiaclaibh é do rádh .i. ar bharr mo theangan. Fan! cuimhneóchad air, tá sé díreach ag rith chugham: ag teacht chun mo chuimhnte. Ag rith chun na haindeise ataoi im thuairm-se: ag gluaiseacht sa treó san gan aon chosc ort. Táir ag rith chun cinn go diail: ag dul i bhfeabhas: ag éirghe leat. Ag rith chun an diabhail ataoi dar liom-sa ar an slighe atá do chuid dhá chaitheamh agat go hamadántamhail ar dhaoinibh nách maith dhuit: ag imtheacht gan rothag gan féachaint rómhat. Bíonn gach éinne ag rith chuige ag lorg air .i. tá sé chómh fial san ná heithigheann éinne. Tá an siopa ag rith as thobac, níl puinn ann anois: ag rith gearra: an chuid ag dul i luighead go mór. Nuair labhrann sé bíonn ciall ag rith as bréithre eagnaidhe a sceinneas uaidh. Loch ná fuil sruth ná eile rith aiste: ghá fágaint. B'éigean do stad dá scléip nuair bhí sé ag rith as airgead: an deascán ag dul i luighead. Cuirir imshníomh orm, is eagla liom go bhfuilir ag rith as do shláinte: í do bheith ag cailleamhaint ort. Táir ag rith glan as do mheabhair más dóigh leat go bhfaghair gach aon rud ar do thoil: do chiall

ag imtheacht uait go cinnte. Ní fuláir nó tá poll sa lamhnán so, tá an ghaoth ag rith as: ag éalódh. Tá an Ghaedhealtacht ag rith as dhaoinibh: an pobal ag dul i luighead. Leis an aois táim ag rith as mo neart: ag cailleamhaint mo nirt. Beidh na daoine ag rith uait má bhír mío-bhuidheach díobh: ghod sheachaint. Ráfla ag rith ó bhéal béal is deacair a chosc nó a bhréagnughadh: dhá aith-innsint gan sos. Ní ag rith ó dhúthchas duit an fhéile do bheith ionat: ag dul nó ag imtheacht. Cainnt ag rith ó n-a theangain ar nós sruth abhann .i. é do bheith ag labhairt go líomhtha. Budh dheacair dom mo ghreim do choimeád san áit achrannaigh úd, bhí gach aon rud ag rith óm chois: ag sleamhnughadh. An bhfuil an chneadh san ag rith uaithi féin (aiste féin)?: gan ceiridhe thairring (thairric) nó oscailt. Díreach agus an rún ag rith uaidh chúb sé chuige: ar mbeith dho ag leigeant an chait as an mála stad sé go hobann. Tagann cainnt ag rith chuige ar nós an uisce: go flúirseach. An dá lá dhéag agus faid mhairfeadh beidh sé ag rith tríom gur eitigheas é: ag goilleamhaint orm. Is minic minic thu ag rith trím aigne, me in iongadh cad bhíonn agat dhá dhéanamh nó cad é an bhail atá ort: ag gabháil tríthe. Dá bhfaghainn bás dá dheascaibh ní fhéadfainn a bhreith chun mo chuimhnte cé go bhfuil sé ag rith trím smaointibh. Ragairne is scléip budh ghearr an mhoill aca duine ag rith trí n-a chuid airgid: ag caitheamh gan tairbhe. Talamh go bhfuil sruth-ghainimh ag rith thríd is oireamhnaighe don mbarra san: lé fagháil i ngach pioc de. Ag rith na scine tríd an iasc mar déarfá 'bíodh sé mar sin': ag sáthadh lé luas. Ag rith tríd an leabhar dom níor thugas fé ndeara cuid mhór des na dearmhadaibh ann: ag gabháil tríd gan bheith ró-chúramach. Mara ndéinir anois é beidh sé ag rith rómhat: ag fanacht lé n-a dhéanamh. Ná bí ag rith rómham: ag dul tharm amach – i ngluaiseacht, in obair etc.: ag rádh roim ré an ruda a bheadh ar t'aigne do rádh. Tá an capall cuthaigh sin ag rith fiadhain gan obair do bhaint as: ag imtheacht ó smacht: é deacair d'ionramh. Lé gairbhe na farraige níor bh'fhéidir an rás do rith: an rás do chur ar aghaidh. Connus fhéadfadh sé an monchra do rith is gan aon eólas ná teagasc air chuige: do stiúradh. An bhféadfá an gluaisteán do rith?: do chur ar siubhal is do choimeád in órdughadh. Cé chuir id cheann ait an t-uisce do rith ar an ngort?: do scaoileadh. Bheadh sé ró-chonntabharthach puinn airgid do rith leis an bhfear san, níl sé macánta: fiacha do leigeant do mhéadughadh air. Táim ar aigne an muileann do rith lé huisce: do chur ar siubhal. Dubhradh leis na cártaidhe do rith amach tímcheall .i. iad do roinnt – a chion féin ar gach imireóir. Cómhairligheadh do agus ní haon uair amháin é gan rith mar theachta dála: gan dul i gcomórtas toghtha. Me do rith an doras amach do dhéanfá dá bhfaghfá an chao orm, tá a fhios agam-sa cad é an saghas carthanachta atá ionat-sa: me do ruagadh gan puinn cúirtéise. Thafant sé orm an chuid eile den slighe do rith má theastuigh uaim breith beó ar m'athair: í do chur díom chómh tapaidh is d'iomcharóchadh mo chosa me. An long do rith i dtalamh do theastuigh ón mbitheamhnach in ionad í do thabhairt saor, slán: do thiomáint lé fóirneart. Is amhlaidh mar bhí an cúrsa ag an bhfíné go raibh an oiread sceimhle air go ndubhairt sé an gcéad rud do rith chuige: a bhuail ina aigne gan machtnamh. Táthar tar éis bille do rith sa Stáit aréir ag ceadughadh d'áthraighibh ceannuigh do bheith armálta: dlighe do dhéanamh de. Níl na sabhrainidhe ag rith in ao'chor anois: in áis. Cad tá ag rith id cheann-sa anois? aithnighim ort go bhfuilir ag machtnamh ar rud éigin: cad tá ar maoith agat?: cad iad na smaointe atá ag gabháil trí t'inchinn? Is fearr rith maith ná droich-sheasamh: is fearr teacht saor ó chonntabhairt trí n-a seachaint 'ná tuiteam lé trí mheisneach: mara mbeadh súil ag duine go n-éireóchadh leis b'é a bhuac staonadh is fanacht lé tráth budh dhóightheamhla éirghe leis. Ná tóg air an rud adubhairt sé, rith focail dob eadh é, níor mheádhadh sé é: botún: sleamhnughadh.

D’imtheóchadh rith focail ar shagart na parróiste: sceinnfeadh cainnt uaidh gan leigheas aige uirthi. “Ná bí ag rith i ndiaidh an chapaill ná fanfaidh leat” .i. ná bí d’iarraidh cómhluadar daoine do chleachtadh ná teastuigheann tú uatha: cá maith bheith d’iarraidh ruda do ghnóthughadh nuair gur ag druideam uait do bheadh sé ar gach iarracht. Má bhíonn aon rud ar siubhal ná bíodh eagla ort ná go mbeidh sé ag boladhghail ar é do bheith aige, is é “rith an mhadra i ndiaidh na fallainge” aige i gcómhnaidhe é: an dúil chun an ionaid sheascair do ghnóthughadh dho féin. Na trí reatha is mó – rith uisce, rith teinidh, rith éithig .i. is iad is tréine chun leathanuighthe agus is deacra do chosc. Ní bhailigheann cloch reatha connlach (caonach): an té a chaitheas beatha fhánach, fhuaidreach nó a athruigheas a ghairm bheatha go minic ní gnáth leis ionmhas do bhailiughadh. “Dá mbeadh rith mo choda liom”, ars an feirmeóir, “fé mar bhíonn lé daoinibh eile ní bheadh beann ar éinne agam”: dá mbeinn ádhmharach tímcheall mo chuid eadála. Rith (rithe) seamna fé go mbodharfadh sé do chluasa is ná tuigfeá an céadamhadh focal uaidh: cainnt fhada, chómhnaidhtheach go minic gan puinn bunadhais. Scata bailighthe ina thímcheall ag éisteacht leis ag léiriughadh mar gheall ar an gcogadh is rithe seama fé: cainnt ag gluaiseacht ina sconna uaidh. Cuir uait an rith seama agus déin rud eigin: an gliogar miogar. D’aon ghnóth ghlan do bhí an rith seama fúm, d’fhonn aghaidh a chaoraidheachta do thógaint díot-sa ar cad a bhí dhá dhéanamh agat: chromas ar sconna cainnte do chur agam ná raibh deallramh ar bith leis ach an mhór-fhoclacht a bhí ann d’fhonn is go dtógfainn intinn an fhir thall díot. Cá bhfios dómh-sa an fíor nó bréag é, ach go bhfuil sé ina scéal reatha ar fuaid an cheanntair: ráfla coitcheann. Cuir snaidhm reatha ar an éill ionnas ná beidh sé deacair í do scaoileadh: snaidhm rothaigh: ceann a fhuasclas í féin ar tharrac ar bharr na héille. Thug sé léim reatha fén gclaidhe gur ghlan é: léim go raibh fásc rithigh ag dul léi .i. rith ar dtúis d’fhonn fuinnimh do chur sa léim. Tá Gaedhealaing reatha aige anois agus ní hiongadh san, mar is mór dá duadh do fuair sé: labhrann sé go líomhtha í. I rith mo bheatha níor bhuail aon tnúthán mná liom go dtí í: ar feadh. I rith an lae bím ag baile, ist oidhche buailim amach: faid bhíonn an lá ann. Tá sé ar tosach anois ach tá eagla orm go dtuitfidh sé chun deiridh i rith an chúrsa mar ná fuil sé buan-análach: am éigin sara mbeidh an cúrsa críochnuighthe. “Tá rith maith ag an each san, creid mise leis” – “tá sé gan rith” (béim ar ‘rith’): níl aon mhaith ann. Tagann rith ar a chroidhe ag siubhal i gcoinnibh aoird do: bualadh tapaidh. D’imthigh rith úrnaighthe orm indiu: chlis nó theip orm iad do rádh. Ní bheadh súd sásta lé cion duine, rith na con i ndiaidh an dá fhiaidh do bhíonn uaidh. Sé an saghas reatha atá aige rith siorraigh: “speal bhramaigh”. Rith gearra: iarracht neambuan. “Tá do chlann mór anois, is dócha” – “táid buidheachas le Dia, táid go léir chun reatha”: i ndán a mbeatha do dhéanamh asta féin. “I gcionn seachtmhaine”, ars an dochtúir leis an othar “beir chun reatha airís”: id lán-shláinte. Má gheibheann sé rith a bhéil in ao’chor ní fios cathain do stadfadh sé: cao labhartha. Fuair sé bás de rith fola, bhí an iomad di caillte aige sar ar shroich an dochtúir: taoscadh as fhéith fola. Budh dhual do laogh an fhiaidh rith do bheith aige: é do bheith luath de chois. Dá stadfá ded reathannaibh agus suaimhneas do thabhairt dod chnámhaibh ar feadh tamaill b’fhearrde do shláinte é: gluaiseachta tapamhla neamh-ghábhtaracha. Chuireas sidhe reatha chómh tréan agus bhí im chosaibh: ghluaiseas chómh mear agus bhí im chroidhe. Sé an tslighe do bhrathaim an fliú so, ina riththidhibh fuachta feadh mo dhroma: ríodhga: gathaidhe obanna. Cao ghearáin níl aige ná fuil rith an tighe aige .i. nách é an ceann é chun a riartha. Cad air go bhfuil t’aigne ag rith anois?: go bhfuilir ag smaoineamh air. Tá árd-rith agat, táir chómh luath lé madra: lúth mhór

chun talmhan do chur díot. Tá an gála ina thréan-rith anois, ní fada is féidir leis seasamh is a dhícheall do dhéanamh. Ná tagadh aon líon-rith ort ag freagairt na gcruaidhcheisteann agus seadh is fearr do dhéanfair: suathadh mothála. Chómh maith agus bhí sé aon lá riamh, tar éis an bhabhta san tá sé ina sháin-(tháin-?)-rith: i ndán gluaiseacht chómh héascaidh is b'fhéidir. Scannruigh sé me nuair tháinig sé chugham isteach ina rith: fuirse is séirse fé. Rath agus sonas chughat ina rith: go flúirseach. Cad é an rith seo anois ort? ná béarfá fada air: deabhadh: fuadar siubhail: greithileán. Is amhlaidh mar tá ag an bplúr fé latháir ná faghfá an chéad-rith dhi ar ór ná ar airgead: plúr go mbeadh an cháilidheacht is fearr ann: fóghantas. Luach gach uile ruda ag rith suas anois, leathscéal maith aca an cogadh: ag dul i ndaoire. Ní gábhadh dhuit leath na tóirtéise, ní fheicim an oiread san ag rith id dhiaidh: ghod shuimiughadh nó ghod leanamhaint. Ná bí ag rith im choinnibh ar gach focal a thagas as mo bhéal: ag déanamh freasabhra orm. Ní bheidh an scrúdughadh agat chómh bog agus is dóigh leat é, tá scata de dhaoinibh maithe ag rith id choinnibh: ag dul i gcomórtas leat. Tá an cuan ag rith geal lé hanaithe: ag iompódh geal go fiadhain. Tá focail iasachta ag rith in ár dteangain fairír: ag teacht isteach. Siad an eochair seo agus an glas san atá ag rith lé chéile: ag oireamhaint. Tá an cat 'san an chú 'san girrfhiaidh ag rith liom .i. dall amach ag obair. Chuir a clódh 'sa deallramh na deóra ag rith anuas liom .i. me ag gol go fuidheach. Chaitheas rith liom féin: teicheadh nó dul go hobann agus suidhe liom féin nó mo chuid uisce do dhéanamh. Is é "polltar" chun cártaidhe é, an dá rith (chártaidhe) atá fachta aige – máidhte go léir. Ní féidir an roth do chur ina rith tá an mhaighdeóg ró-dhocht: do chur ag casadh tímcheall. Dá mbeadh rith ag an uisce bheadh sé níos so-ólta: cead gluaiste. Ón lá buaileadh sa tsúil é is gur bascadh é níor stad sí de rith: de shileadh: uisce nó othar ag teacht uaithi. Níl an rás lé rith indiu toisc na síne, tá sé curtha ar ath-lá: lé dul ar aghaidh. Ar rith is ní ar léim is fearr me: chun reatha .i. is fearr do rithim ná do léimim. As rith do fuair sé an corn san: mar gheall ar rás cos. Cuirfidh an ósbairt sin ó rith anois é .i. gan bheith i ndán rás nó gluaiseacht lúthmhar do dhéanamh. Idir rith is rás ní maith a éirigh a iarracht leis .i. dá fheabhas iarracht do dhéin sé.

ritheóir: *f.3.* reathaidhe, rásaidhe, ruathaire. Ní raibh aon ritheóir sa chúigeadh ná go bhfágfadh sé ina dhiaidh i gcúrsa fada: duine a ritheas ráiseanna nó ag a mbíonn luas mór gluaiseachta. Beidh seacht ritheóiridhe sa rás so .i. daoine, ainmhidhthe nó rudaidhe in iomaidheacht luais lé chéile. Tugadh ritheóir air toisc gur ob sé an cath: duine a theicheas trí mheathtacht.

rithim: *b.a. 7 n-a.* déinim rás, gluaiseacht mhear, luath, imthighim go pras, gabhaim, éirigheann liom, sceinnim, sciúirdim, tugaim fogha, seólaim, silim, leaghaim. "An mbeidh mórán daoine ar an gcruinniughadh? do thuairm" – "an tuath mar ritheann sí": í go léir: muinntir na tuaithe go léir. Tagaidís go léir mar rithid, gach aon mhac mháthar aca, im choinnibh, aon fhaitchíos níl agam rómpa: an uile dhuine aca. Ritheas air sara raibh eaga corruighthe aige: thána d'fhogha air. Rithfidh an roth ar do chois mara seachnair: gheóbhaidh uirthi. Rithfead ar amhras ann: raghad ann gan bheith deimhnightheach d'aon rud áirighthe d'fhagháil nó do thárlachaint ann: raghad i dtreis. Rith ar an áit sin airís, níl sé ró-shlachtmhar id dhiaidh: déin a thuilleadh leis chun a fheabhasuighthe. Rith ar an aiste sin féach connus thaithneóchadh sí leat: gaibh tríthe go mear. Rith do lámh ar an éadach san, ná fuil sé chómh mín lé síoda?: cuimil de uile go

léir. Rith do shúil ar an bhfarraige: an bhfeicir aonnidh? Rith fé: imthigh go mear fé n-a dhéin. Rith sé fén ndoras, ach rugas air sara raibh an tairsing (tairseach) curtha dhe aige: thug sé sciúird fé chun bailighthe leis. Rith an mháthair fé dhéin an leinbh chun é do shaoradh ar an dteineadh: ghluais sí go tapaidh, mear. An chéad fhocal a ritheann chuige is cuma leis ach do bhualadh síos mar sin ní fhéadfadh a chuid scríobhnóireachta do bheith slachtmhar i gcómhnaidhe: a thagas isteach ina cheann: a thagas ina aigne. Is iongtach na smaointe a ritheas trí aigne dhuine agus é ina aonar: a ghabhas tríthe: a bhíos dhá dhéanamh do dhuine. Rith ort anois mar dhéanfadh buachaill maith, is ná bí ag déanamh buartha dhom: imthigh. Rith ort, b'fhéidir go mbéarfá fós uirthi: lean ar an siubhal atá fút. Ní ritheann an teanga chéadna chugham chómh maith is ritheann mo theanga dúthchais: ní thagann liom í do labhairt. Rithfir as airgead má leanair ar bheith ghá chaitheamh chómh rabairneach san: béarfaidh gearra ort. Rith an gluaisteán as íle is stad sí: tháinig críoch ar an méid a bhí innte. Go rithid leat: go mbí an t-ádh ort. An té go ritheann a shláinte leis ní gearánta dho: go n-éirigheann sí leis: go bhfanann sí aige. Má ritheann leis beidh sé ina fhear iongtach fós: má leanann ar an aiste seo gan aon nidh do thárlachtaint do a dhéanfadh a bhascadh. Thugas dathad iarracht ar labhairt, ach bhí mo bhéal mar bheadh glas air, ní rithfeadh mo theanga liom: ní bhfaghainn í chun focal do cheapadh. Rithfidh an taidhbhse go léir lé fánaidh fós toisc ná fuil ann ach taidhbhse: meathfaidh, tréigfidh. Ná ritheadh focal ort ar do bhás beatha a thabharfadh aon éachtaint dóibh ar an nidh atá ar maoith agat: ná sleamhnuigheadh go neamh-thuiseach. Rithfidh an aicíd seo ar an bparróiste mura gcoisctear in am í: scaipfidh ar fuaid na háite. Rithfeadh aon rud chuige sin, tá an oiread san incheann aige: gan duadh, gan iarracht foghluma, go nádúrtha. Rithfead trí mhíle leat ar rothar ar aon gheall is maith leat: raghad i gcomórtas luais leat. Dá fhaid ritheann leis an mada ruadh beirtear sa deireadh air: a bhíonn sé ag breith na gcos leis. Ná rith ar amhras ina thaobh, bí deimhnightheach ar dtúis de go bhfuil cúis air sara ngabhtar é: ná téighir dréir amhrais. Rithfidh an fheóil sin mara gcuirtear salann uirthi, beidh boladh uaithi, is ní féidir í d'itheadh: leaghfaidh sí: cromfaidh sí ar lobhadh. Má fhágair an gheannc leac oighreach san in aice an teasa, rithfidh sí: leaghfaidh sí: déanfaidh uisce dhi. Sin focal nár ritheas treasna riamh air: nár bhuail liom. Rithfir tríd chuid airgid gan aon mhoill ar an bhfuadar caithteach atá fút, is fágfaidh san beo bocht, dealbh thu: caithfir é: leaghfair thall 'sabhfus é. D'aindeóin an duaidh a bhíos orm d'iarraidh cuimhneachtaint ar ainmeachaibh daoine rithid uaim: imthighid uaim dem aindeóin. Rith an capall orm gur hiompuigheadh sinn idir chapall, thrucaill is me féin: d'imthigh sé ar cosanáirde óm smacht. Sé rud a tháinig leat-sa nár éirigh leat beart d'fhagháil ó aon taobh aca go raibh rith na con i ndiaidh an dá fhiaidh agat: d'iarraidh bheith istigh lé gach taobh i ndóigh gur mar sin bheadh an chao is feárr agat: bheith id Thadhg an dá thaobh. "Ní sheasuigheann rith maith don each i gcómhnaidhe" .i. ní bhíonn ar aon nidh ach tamall: ní féidir lé duine bheith ag síor-chaitheamh, bheith síor-óg, etc. etc.

rith-léim: *b.2.* léim tar éis adhbhar reatha do dhéanamh. Ghlan an capall an falla ina rith-léim .i. éirghe glan den dtalamh as an gcosanáirde.

rithte: *a.r.* críochnuighthe, éirighthe lé, in aoirde láin, iomlán, tréitheach (ar), gabhtha tríd, scrúduighthe, infhiúchta, imthighthe gan smacht, ar fheabhas. Beidh áthas ort a chlos go bhfuil rithte agam im dhochtúir: go bhfuil an chéim sin gnóthuighthe agam. Tá an

cuan rithte aice, agus sin a bhfuil ann, d'fhóbair di dul go grineall: chuir sí dhi é: ghaibh sí tríd an anaithe. An bhfuil sé rithte agat? .i. an rud duabhaiseamhail a bhí i dtreis, an bhfuil sé curtha dhíot agat? Tá an fheóil rithte: leachta nách mór: i dtreó a dreóidhte. Is fada buidhe uaidh fós bheith ina chaptaen rithte: iomlán: i ndán bád nó long do thógaint ar a chúram. Bleaigeárd rithte seadh é má bhí ceann riamh ann, níl aon rud ag dul de: ceann críochnuighthe. D'aithneóchadh dall gur ceárdaidhe rithte a dhein na dóirse greanta san: ceann críochnuighthe. Tá sé rithte chun aighnis, agus luighte chuige leis: críochnuighthe: ar fheabhas. Indiu nó riamh tá an fharraige rithte, is fada go bhfeaca clódh chómh dona uirthe: imthighthe chun anatais ar fad lé buirbe is fiadhaine: a aoirde láin sroichte aice. Tá an rás rithte is mo chuid airgid caillte agam: tugtha isteach: críochnuighthe. Táim rithte leat-sa ach go háirighthe agus is maith 'sis mithid sin, b'fhada me ag bruic go tinneasach leat: réidh: deireadh conbharsáide againn lé chéile. B'éigean dam bailiughadh liom as an áit, bhí an iomad fiach rithte orm is gan gustal a ndíolta agam: tagtha orm dem aindeóin nó gan choinne, gan leigheas. Sara mbeadh a fhios agat é bheadh na maideanacha rithte ort, táid chómh riabhach, gearra san: caithte, is gan do ghnóth déanta. Dhá uair, trí huaire, seadh, agus breis, tá rithte agam ar an obair gan aon locht d'fhagháil uirthi: gabhtha tríthe is í infhiúchta agam. Cheithre lá dhiachracha i mbád béal-oscailte is na fir bhochta rithte as bhiadh is as uisce: deireadh dhíobh caithte aca. Is fada girrfhidhthe rithte as an áit, bhíodh an iomad tóraidheachta ortha: ruagtha: curtha as an áit. "An bhfeacabhair an bád eile?" – "is fadó tá sí rithte": curtha dhi lé heagla na drochfharraige etc. Ní mór de bhliadhantaibh ó shoin ná raibh oiread is coinín san Astráil, anois táid rithte an oiread san fén ndúthaigh go bhfuilid ciaptha aca is nách féidir a ndísciughadh ná a gcosc: leathanuighthe, méaduighthe. "Seadh, is maith san", ars an té go raibh na creathaidhe fuachta air, "tá an deoch san rithte fém bhallaibh": imthighthe is ghá dtéidheamh. "An bhfuilim go maith chuige, an dóigh leat?" – "rithte!": ar fheabhas. Tá mórchuid airgid rithte orm i dtaobh éadaigh sa tsiopa san, deireadh lé cáirde agam ann: fásta, cruachta: éirighthe. Tá an lá, an tráigh, an rás, mo shaoghal, etc. rithte orm: nách mór istigh is gan aon tairbhe bainte agam as. Tá an lá indiu rithte chun coisidheachta, breágh, tirim, cruaidh: an-oireamhnach. Tá rithte trí n-a raibh de ghual i dtaisce nách mór, níl thar thómhas mí ann: é do bheith caithte. Is í mo thuairm láidir-se go bhfuilir-se rithte as do chéill ar na nidhthibh aite atá dhá dhéanamh agat lé déidheannaighe: do chiall ag dul i ndísc. Na ba rithte as bainne: dulta i ndísc. I lár a bhfeaca, is ní duine ná beirt sin, táir rithte chun éithigh: toghtha chun a innsint. Tá sé rithte as an ndúthaigh toisc gur giúdach é: ionarbhtha: ruagtha. Bíodh losna maith, láidir rithte as do dharadha, tímcheall feádha go leith ar faid: sínte. Cábla mór rithte as dheireadh na luinge do tharrac an bháid ina diaidh: sínte siar. Ní mór gur fiú gur cuma liom anois i dtaobh mo shaoghail tá sé rithte beagnach: caithte amach. Tá an t-iasc rithte fén dtalamh: tagtha isteach as na farraigidhibh doimhne. Um an dtaca san bhí an t-arm ionnraidh rithte fén ndúthaigh is budh dheacair a chur ar gcúl: scaipighthe fúithi. Is olc an uain go bhfuil an long (aon rud) rithte fé: tugtha fé. Caithfear eaga do thabhairt do chun teacht chuige féin, tá an aicíd rithte fé ró-mhór: dulta greamuighthe ann. Tá an sean-táille rithte do is gan é an t-aos ceart fós: gabhtha os cómhair daoine go raibh ughdarás aca a bhronnadh nó a obadh, agus é bronnta aca. Bhí sé leat air go raibh sé rithte as a thír lé meathtacht chun troda: teichte. Is fada rithte ó smacht na leanbhaidhe sin, déinid a rogha rud ar an aonach: imthighthe. Féach an clódh atá ar an mbratach, tá na dathanna rithte ann: leachta is measciughthe trí n-a chéile. Sin é an mianach atá rithte i gcuid fola na muinntire sin go léir – an

droichmhianach agus an ghadaidheacht: imthighthe, sínte ó ghlúin go glúin. Ó tá sé rithte ina aigne dul ann, creid me leis, ná cuirfeadh faic as é: dulta ceangailte ina smaointibh. Dá mbeifeá rithte i bhfiachaibh aige bheadh a fhios agat an mbeadh sé chómh cneasta agus is dóigh leat: dulta isteach ionta. Chroith suas tú féin in ainm Dé agus tagadh ciall duit, táir rithte fiadhain ar fad: imthighthe ó smacht agat ort féin. Bíodh do sheasamh orm anois, tá an t-eagla rithte díom: bailighthe leis glan. Bheadh an tinneas trí gach ball díom mara mbeadh a luaithe friotháladh é: gabhtha, sroichte. Brathaim me féin ag dul i gcrapuightheacht toisc me bheith rithte isteach san aos: dulta go mór. Beidh an bille rithte ina reacht fé Shatharn: gabhtha trí gach céim dhleaghthachta. Tá do charbhall rithte tharm: imthighthe gan mé do chur aon tsuim ann. Tá an tsnaidhm rithte is an dá théid scartha ó chéile: scaoilte: a greim imthighthe. Mara bhfuil sé marbh anois is an roth rithte tríd ní bheidh choidhche: gabhtha trí n-a chorp. Ní mór ná go bhfuilimíd rithte gearra i bpiléir anois; níl againn ach fíor-bheagán: iad bheith ídighthe. An bhfuil bhur gcuid plúir rithte amach fós?: ídighthe. An dtuigeann éinne in ao'chor cad atá ar siubhal anois aca? Táid rithte suas ar fad: imthighthe gan aon teóra.

ró: *uaillbhreas* "Connus taoi?" – "go hó ró, go hó ró, a chara": go hiongtach. Táthaoi ag déanamh go hó ró: d'bhur n-aoibhneas féin go subháilceach: ag dul ar aghaidh ar an saoghal go maith.

ró-: *réamh-mhír neartuighthe* cuid mhór, dian, iomad, iomarca, fíor-, etc. Capall ró-árd don ndoras chun dul isteach fén bhfárdoras, cheangail sé ann .i. a dhrom do bheith ag dul níos sia anáirde. Daoine ró-árda iad san domh-sa chun bheith ina gcómhluadar: céim ós mo chionn i gcoimhdeacht. Teanga ró-ársa atá sa Táin dom-sa lé n-a tuigsint: aos aice i bhfad níos mó ná tá ag an dteangain atá ar eolas agam. Ní féidir do do bheith folláin, tá sé ró-atuighthe: breis mhór ait ann is nách maith dho. Aon lámh ní fhéadfainn do dhéanamh air i ngreas nirt, tá sé ró-acfuinneach dom: is mó go mór an neart atá ann 'ná ionam. Duine é ná déanfaidh puinn choidhche dho féin, tá sé ró-aistearach: an iomad fonn air bheith ag aistriughadh ó bhall ball. Budh mhó go mór mo mheas ort mara mbeadh tu do bheith ró-amharastamhail: níos claoine go mór chun breatha do thabhairt ar dhuine nó tuairm do bheith agat do ná beifeá deimhnightheach de. Is ró-ádhmharach an duine thu is na cosa do bhreith leat as an oiread cath: ádh an domhain. Táir curtha chun ró-alluis agat féin lé duabhais is imshníomh oibre: allus trom. Mo ró-bheannacht ort i gcómhnaidhe: beannacht dílis óm chroidhe amach. Éinne a bhíos ag guidheachtaint do shíor mar sin tá sé i bhfad ró-bheannuighthe domh-sa: níos beannuighthe 'ná mar is dóigh liom budh ghábhadh dho éinne. Budh chuma é puinn mara mbeadh gur ró-bhotún é: botún ró-throm, ró-mhór. Déanfair do ró-bhotún mara seachnair tu féin: botún díoghbhálach. Táir ró-bhrostuightheach ar na fearaibh seo, ní thaithnigheann a n-úramh leó: i bhfad 'si bhfad níos déine 'ná mar budh cheart, 'ná mar is féidir leó d'fhulang gan gearán. Ní ró-áil leis an áit in ao'chor, b'fhearr leis go mbeadh sé na mílte as a radharc: ní maith in ao'chor do thaithnigheann sé leis. Aon ghnóth in ao'chor níl agat-sa d'ólachán, táir ró-sho-bhogtha aige: an-fhuraiste leis an bonn do bhaint uait. Nuair deineadh ró-bhagairt air ní raibh sé de mheisneach aige fanacht lá eile ach bailiughadh leis: bagairt dhian, fhorasta. Nách é an ró-bhitheamhnach é go mbeidh lámh ins gach aon rud ait, amhrasach aige: feille-bhitheamhnach: bitheamhnach gur deacair dul de. M'eagla ná fuil ró-bhuannacht agam ar an áit, mar nár fágadh agam lé h-udhacht é agus go gcuirfear as me: buannacht láidir. Ar

mo ró-bhriathar-sa má cuirtear cruisteach air siúd gan adhbhar do bheith leis agus go gcloisfir-se seódh uaidh: dearbhuighim go láidir duit. B'é a thuairm siúd go ndeárnadh an iomad cainnte, oiread is nár bh'fhiú é, den bhfocal chéadna ná raibh aon ró-bhrigh leis: ciall chómh tábhachtach san go mbeadh an oiread fústair ina thaobh. Agus gan bheith ró-bhuntáisteach ar do chuid cainnte, ní misde a rádh ná go bhfuilir beagán mós borb: claon lé locht thar cheart d'fhagháil uirthi. Nílim ró-bhuidheach díot-sa mar gheall ar chúrsaidhibh an lae indé ná díom féin as aon bhaint do bheith agam leat .i. mí-shásta leat-sa is liom féin. Tá an aimsir olc ró-bhunuighthe san Rúis anois, adeir ughdair go ndéanfadh an namhaid aon dul mór chun cinn: socruighthe chuige: préamhuighthe. Fuair sé ró-bhuille san achrann is a thoradh aige bheith basctha lé n-a shaoghal is baoghalach: buille ná raibh a fhulang aige. Bír i bhfad ró-lasánta tagann ró-bhuile ort gan puinn cúise: fíoch fiadhain. Cuirfir ró-fhearg orm má bhír ghom ghriogadh mar sin: fearg gur deacair dom a smachtughadh. Budh ró-bheag an sásamh do gheóbhfá ar dhul chun dlighe leó tá an iomad léighe leó .i. pioc ar bith. Faid bhíos bocht is ró-bheag dem chúram do bhí ort .i. budh chuma leat im thaobh. Bás ar bhain leis ní chuirfeadh ró-bhuadhairt air, tá croidhe chómh calcuighthe sin aige: puinn suime ní chuirfeadh ina gcailleamhaint. Fuair sé ró-bhascadh chun aon mhaith do bheith ann go deó airís: iomad basctha goirtighthe. An ró-cháiréis a bhíos air sin uaireannta eile i dtaobh a dheallraimh is féach clódh an réice indiu air: árd-cháiréis: é deacair do shásamh. Más cuma leat-sa cad imtheóchaidh ar an dtigh is ró-chuma liom-sa, cad tá buaidhte agam leis seachas tusa?: aon mhairg in ao'chor ní chuirfidh orm. Cara ceart seadh é, dá mbeadh ró-chás ar dhuine: cruadhtan nó broid gur dheacair teacht uaidh. Níor mhaith liom in ao'chor do bheith ag cóstáil leis, duine ró-chráidhte é .i. ná fuil a luighead subháilcis ag baint leis. Riamh, riamh ní bhfuaireas thu ach an ró-cheisneamh ort, an sásóchadh aon tsaghas saoghail thu?: cnáimhseán is dochma croidhe. Brathaim ró-chlaoidhte ón iomard atá fachta agam ná fuil sé de phreab ionam mo cheann do thógaint: buailte amach idir corp is spirid. An ró-chneastacht ar fad atá ag baint leis an mbanaltra san ní fhéadfadh duine gan meas do bheith aige uirthi ina thaobh: an lághaiche mhór is an caoineas atá innte. An ró-chrábhadh do leigeann sé air ameasc na ndaoine agus gur cladhaire críochnuighthe i nganfhios é: an t-árd-chreideamh do leigeann sé air do bheith aige. An iomad ar fad ró-chiútaidhe ag an gcladhaire sin duit-se chun bheith maith a dhóthain do: cleasaidhe fíor-ghlioca, fíor-chruinne. Aon bhuille níor b'fhéidir liom do chur i luighe gaibhte air, bhí sé ró-chuisleannach dom: géaga ró-fhada aige. Sé an saghas duine é sin ná cuirfeadh sé ró-dhochma air duine do mharbhadh: aon dochma in ao'chor nách mór. Á, an coisín ró-dheas atá ar mo Mháire: an-ghleóidhte. Níl sé furaiste an tairnge sin do tharrac tá sé ró-dhulta (isteach): imthighthe i bhfad thar teórainn. Is oth liom é, ach is é mo ró-dhualgas é breith bháis do thabhairt ort: é ceangailte go ró-dhian orm. Luathuigh má táir déidheannach féin, is fearr déidheannaighe ná ró-dhéidheannaighe (is fearr déidheannach ná ró-dhéidheannach) .i. b'fhéidir go mbeadh dul éigin ar an ndochar nó cuid de ach go háirighthe do chosc. Bí dian gan bheith ró-dhian: chómh dian san is nár bh'fhéidir é d'fhulang nó go ndéanfadh sé iomard. Riamh ó tháinig aon choinnlidheacht ann ró-dhícheallach atá sé as a bhfuair sé dhá bharr: níos dúthrachtach. Agus tú do dhéanamh do ró-dhícheall orm ní bheadh tor madra agam ort: an méid is mó is féidir leat. Duine ró-dhícheallach air féin (chun an tsaoghail) b'fhollus nách fada d'fhéadfadh sé seasamh: lán-dian: ag cur roimis breis do dhéanamh: ghá chur féin thar n-a riocht. Is é a bhfuair sé as a ró-dhúthracht tar éis na mbliadhan go léir, bata is bóthar: fonn is claoidheachtaint lé hobair. Go diail is go ró-dhiail atá sé déanta agat: ar

fheabhas. Cá ngeóbhadh an ró-dhúil atá san ólachán aige dhéanfadh sé aon rud ar a son: dúil mharbhthach. Creid me leis nách ró-dhanaid liom an crot atá ar an áit, gur chuma liom dá mbeadh sé níos measa: nách aon mhairg mhór liom é. Ní haon ró-dhóchas dom a rádh go mbrathaim deimhnightheach go mbuaidhfidh sé: dóchas thar ceart. Ní gheóbhfaoi liom thall ná abhfus lém ró-dhonacht: fíor-olcas. Chidhfí do dhuine ar leath-shúil ná raibh ró-éifeacht lé fada lé haon rud a dheineadh sé, go raibh éasc éigin san inchinn. Gheóbhair ar gach cóisir, cruinniughadh is cluiche sa cheanntar é, sin í an ró-éirim atá ann: fonn mór chun aoibhnis is caitheamh aimsire. Mara dtugair iarracht ar chluas do thabhairt do n-a bhfuil ar siubha agam-sa b'fhéidir go dtabharfainn do ró-éisteacht duit: go gcuirfinn sa tslighe thu go mbeadh fonn ceart ort mo bhriathra do chlos. Ar an ró-éileamh atá aige ar an gcailín sin ní choimeádfaidh an saoghal uaidh í do bheith mar mhnaoi aige: fonn anmhór chun í do bheith aige: lán-fhonn. Níl aon ró-fhagháil ag daoinibh bochta ar scilling san tsaoghal cruaidh atá ann: aon chao mhaith ar bheagán airgid d'fhagháil. Budh cheart go bhfaghadh sé admháltas éigin ar an ró-fheitheamh atá déanta aige lé n-a chuid féin d'fhagháil: feitheamh foidhneach fada. Dein mo chómhairle is fan as, níl aon ró-fháilte rómhat: ní glacfar go ró-mhuinnteardha leat. Ná déin aon ró-fhanamhaint annsan ní haon deagh-cheanntar é: fanamhaint nó fuireach siléigeach. Choidhce ní fhéadfainn oiread éisc do mharbhadh leis, bhí an ró-fhearas aige orm: fearas sár-mhaith, rud ná raibh agam-sa. "Cailínidhe ró-fheasacha atá ar an saoghal anois", ars an tseanbhean, "seachas cailínidhe m'óige-se": an iomad eólais do bheith aca: iad deagh-theagasctha. Tabharfaidh an ró-fhuadar cluais thinn duit-se lá éigin: an iomad fústair, fotharaga nó éirghe anáirde gan foidhne do chaitheamh lé cúrsaidhibh. Dá mbeadh sé gan an ró-fhulang ní mhairfeadh sé chómh fada gan bhiadh gan digh: fulang áidhbhéil. An té ná bíonn cabhair a dhóthain aige sa bhfóghmhar bíonn an bhroid ró-chruaidh air: géibhinneacht na hoibre ró-dheacair do. Bíonn an tsean-Ghaedhealaing ró-dheacair do mhórchuid: an-dhian ortha í do thuigsint. "Do ró-ghaisce i saoradh an gearrchaile as an abhainn", ars an giúistís, "buadhann gradam na ndaoine dhuit": meisneach is gníomh iongtach. Cuirfidh ró-ghainne an tobac daoine as a meabhair go raibh dúil aca, anois nách féidir leó teacht air: teirce mhór. "Cuirfead deireadh leis an ró-ghanfhiosaidheacht so im gháirdín", ars an gárdnóir, "dá mbeadh orm codladh na hoidhche do chaitheamh leis" .i. atá dulta ró-fhada ar fada. Aon chonbharsáid leat-sa ní theastuigheann uaim, táir ró-ghasta dhom: an iomad den ngliocas ag baint leat. "Ní geallta dhom atá an rud in ao'chor ach ró-gheallta", deir duine go músclann iomad geallamhna amhras ann. Á, fairír tá an bás go ró-ghealta dos gach éinne againn: deimhnightheach dearbhtha atáimíd go dtiocfaidh sé orainn. Anocht an oidhche, mar tá ró-ghreann air nár thugas fé ndeara cheana riamh, gáiridhe is sult ar fad ann: sár-ghreann. Ní coingbhightear in aon ionad an diall bocht toisc a ró-ghiorraisce: gan smacht do choimeád ar a theangain lé n-a uachtaránaibh nó bheith ró-ghrod i bhfreagra. Déanfair thú féin do ró-ghléasadh má chuirir na héadaighe breághtha so go léir ort: beir gabhtha thar mar tá gábhadh leis nó ró-phéacach. Sid é an ró-ghleacaidhe nár treascaradh riamh: gaiscidheach thar ghaiscidheachaibh. Aon rian oibre ní fhéadfainn do dhéanamh ag an ró-ghlór so, tá an clár árduighthe dem cheann aige: glór is fothram diabhalta. Níor dhóichighde dhuit anois a bheadh déanta agat ná ró-ghníomh i gcorp-lár do lúthgháire: gníomh iomarcach: go leanfadh díoghbháil é. An ró-ghiobaireacht so orm ar a luighead cúise, go minic gan oiread is a dhath leis, a chuireann ar buile me: ciapaireacht gan bhrigh, gan deallramh. Níl aon choigchríoch a thagas annso ná go dtugann fé ndeara ró-ghlaise na talmhan: borb-ghlaise .i. an dath go tréan ann. "Tá

dearmhad mór ort, a bhuachaill", ars an fear gan taise, "má tuigtear duit go ndéanfadh do bhás ró-ghoilleamhaint orm-sa, mar ná déanfadh": goilleamhaint thar meón. Ró-ghoinfir é má labhrair chómh borb, béal-láidir sin leis: goirteóchair go mór é. A Mhairín, budh thu mo ró-ghrádh agus beannacht Dé go ró-ghrádhmhar chughat: budh thu go raibh an sár-chion agam air agus, lé cion mo chroidhe, mo bheannacht ort. A Dhia na ró-ghrást, dearc lé truagh orainne atá ag guidhe chughat, is bronn do thairbhe orainn: grásta móra iongtacha. Ó mo mhairg! is mo bhrón mor go raghad 'on talamh! is níl ionam scaradh, mar tá orm ró-ghreamanna: greamanna cruadha, dochta. Ní fhéadfainn aon chóngamh do thabhairt uaim mar bhíos i ró-ghreim me féin: ar aiste ná raibh tabhairt aon chabhartha ionam. Gach lá léighfeá ar na páipéaraibh go bhfuil ró-ghuairneán ins na tíorthaibh seo atá gabhtha ag an nGearmáin: guairneán go gcloisfear tuilleadh tráchta ar a dheascaibh. Ró-ghuais an bháis is beag duine ná go gcuireann sí imeagal air: conntabhairt is scannradh. Fairír, tá an ró-iadhamh ar a shúilibh anois: iadhta i mbás. Sé rud a tháinig leis go raibh ró-iarracht den mbiotáille ólta aige: iarracht throm a bhí ró-mhaith dho. Ní maith liom in ao'chor é, tá sé i bhfad ró-iarrachtach: tugtha do bheith ag lorg aiscidhe. Ní stadfainn d'éinne fé bhun Dia na bhflaitheas ar leithrigh táim ró-imeartha: curtha chun feirge. Thuigeas fadó riamh thu, cad chuige an ró-innsint: an míniughadh is an aithris gan ghádhtar. Cuir sa diabhal é féin is a chuid lorgtha ró-íoctha atá sé agat: an iomad tugtha dho. An ró-iongtas a tháinig air, do leath a shúile air, go raibh airgead ag éinne ach aige féin: b'ait leis ar fad, ar fad é. Ní mór de dhuadh an tsaoghail do gheibhir-se ach go háirighthe, tagann gach aon rud go ró-ionbhaidheach ort: díreach mar loirgeófá iad. An ró-iontaoibh atá ag an bhfear san as féin cuireann sé gráinidheacha ar mo chuid fola: an tuairm láidir atá aige as féin agus as gach rud adeir nó a dheineann sé. Bheadh an t-árus san slán indiu mara mbeadh an ró-ladhráil a fuair: an iomad láimhseála ó dhaoinibh. Níor ghábhadh in ao'chor an ró-lán so fút, cad is bun leis?: an tóirtéis gur deacair broic léi. Níor cheart ró-leanamhaint do dhéanamh ar an leanbh tá a fhios agat ná fuil ann ach leanbh agus go bhfuil sé ar a dhícheall: bheith dian, dian air. Bhailigheadar im thímcheall, scata aca agus ró-léasadar ar a dtoil féin me: do bhuaileadar ó thalamh me. Tugadh ró-leigean cinn do as a óige, sin é d'fhág ina theallaire bruigheantach é: an iomad de chead a thola. Aon tuigsint ní raibh ionat is rud ró-léir mar é do dhéanamh: ró-fhuraiste, an-fhollus do thabhairt fé ndeara nó do bhrath. Ná déin aon ró-luadh ar an scéal mar ná fuiltear deimhnightheach ar fad fós de: mór-thrácht. Ar an gcuma mhall atá sé ag teacht níl cosa ró-luaimneacha fé: gníomhach, bríoghmhar: ceólmhar. Ró-luas mo chroidhe an túisce agus chonnac í: bualadh is preabadh obann. Má théighir 'on leabaidh in ao'chor ná déin aon ró-luighe ar eagla ná beifeá in am: fanacht sínte i bhfad. An té a bhíos ró-luighte lé díomhaointeas ní fearrde é é: tugtha go mór do. Ní dóigh liom go bhféadfá maoidheamh as an ró-mhacántacht .i. is baoghalach ná fuilir macánta nó díreach in ao'chor. Ní maith an rud dod shláinte bheith ag ró-mhachtnamh, is ró-mhinic smaointe dolbhacha cois leis: ag déanamh an iomad machtnaimh ar fad. Scrogaire bacaigh go raibh ró-mhadra cuthaigh ina fhocair: madra áidhbhéil lé toirt. Cad as an tóirtéis? ní har do ró-mhaiseamhlacht in ao'chor é: is léir ná féadfá maoidheamh as bhreis áilne. Ní fheadar-sa cé hé gur mhaith leis bheith ag déanamh ró-mhagaidh fé ach ní mise é: magadh gan greann. Éirghe ar maidin go ró-mhoch d'fhág gan neart gan sláinte é: fíor-luath. Ní ró-mhaiseach duit leanbh do bhualadh: ní gníomh é go mbeadh meas ag éinne air féin ina thaobh. Pé duine go dtiocfaidh ró-mhaoile leis ní leat-sa é, níl aon áit go mbeir ná go gcuirfir tú féin in iúil: mór-chúthaileacht: cúlbhántacht. Mo ró-mharbh go raibh air má

dheinim é: bás go dearbtha go bhfaghad tríd. Fuair sé ró-mhasla faid budh bheó dho budh mhór an fhuascailt do an lá do chuir Dia fios air: droich-dhéanamh is easmhailt. Is cuma liom anois cad deir éinne gur ghreann é ach fuair sé ró-mhealladh: deineadh a mhealladh go cam, gránda. Is ró-mheasa liom-sa me féin 'e cheal bídh 'ná éinne eile: is mó do ghoilleann sé orm nó do bhrathaim é. Itheadh ró-mhian an tsuchaire sin: an mian is giorra dá chroidhe. Pé ró-mhéirleach d'árduigh uaim mo sparán nár mhairidh lé n-a chaitheamh: cladhaire críochnuighthe bitheamhnaigh. Ní haon díoghbháil braon is dhá bhraon, ach gur gnáthach go leanann an ró-mheisce an tsíor-bhlaistínteacht: an mheisce iomarcach, throm. An méid cainnte atá lé rádh ag t'athair leat i dtaobh do dhroich-iomchair, mo bhriathar nách ró-mhaise dhuit é: nách cuibhe agus nách creideamhnach duit san. Moladh go ró-mhaith thu .i. i bhfad níos fearr 'ná mar bhí tuillte agat. Ní ró-mhaith a réidhtighidh lé chéile .i. ní deacair iad do chur in earrad. A Dhia ró-mhaithteach, nár dhiúltuigh riamh an t-aithrigheach ceart .i. a bhíos do shíor éascaidh chun maitheamhnachais do bhronnadh orainn. Ná tabhair ró-mhanaois it anam pé rud eile a dhéanfair nó ná déanfair: bí aireach ina thaobh. Cá bhfuil an tacaidheacht ná an cur leis leis an ró-mhaoidheamh so: bladhgar is bladhman iomadach. Triomuigh do shúile, níl call agam leis an ró-mhaoithneachas so: an dian-mhothúilt bróin is taise ar mo shon. De dhruim na dighe a bhí caithte aige agus an doircheacht a bhí ann ní raibh ró-mheabhair aige: ní raibh puinn di aige chun eólais na slighe do dhéanamh. Seachnuigheadh ógánaigh iad féin ar a súil ró-mheallta: an-mheallta ar fad. "Nách ró-mhuinnteardha do bhíodar", deirtear lé daoinibh go n-éirigheann earrad eatartha is nách follus cén fáth. Ró-nádúrtha do bhí sé is dul i gconntabhairt a anama do dhuine eile: lán de deagh-thoil na gcómharsan. Cuireadh an oiread san ró-náire uirthi nuair dearbhuigheadh na nidhthe neamh-thaithneamhacha san go léir ós a chómhair sa chúirt gur phléasc sí ar ghol: náire throm. An ró-namhadas atá ceangailte istigh ina chroidhe calcuighthe dhom, mara dtiocfadh Dia ar leithrigh chuige ní mhaithfeadh sé é: an díomas fíochmhar. Deir an Ghearmáin agus Sasana i dtaobh a chéile gurb í an tír eile a ró-namhaid féin: an namhaid is mó agus is conntabharthaighe. Ró-nasc ag an ndiabhal air ná scaoilfidh sé: greim daingean, cruaidh. Budh ró-nár liom aon mhéar do bhualadh air dá mhéid atá sé tuillte aige: mhothóchainn gur aithis cheart é. Níor mhaith liom do bheith pósta léi, tá sí ró-néallach: claon lé taomachaibh droich-mhianaigh do theacht uirthi. Caithfead bheith ag imtheacht, tá ró-obair lé déanamh agam: obair an-thábhachtach, nó mór-chuid oibre. Ina ró-óige do tosnuigheadh leis ag múineadh gach nidh a oirfeadh do: lé linn a bheith an-óg ar fad. Mo ghradhain é, is é ná fuair an ró-oileamhaint agus is é sin na cnámha loma atá fé indiu: an cothughadh, an t-úramh agus an oileamhaint. An locht is mó ar do theangain sé go mbíonn sí ró-oireamhnach agat: réidh, ullamh chun duine d'ionnsaidhe léi. Is ró-pháirteach leó atáim, dar leat: ró-mhuinnteardha: leagtha go mór leó. Dá n-éistigheadh an ró-phastaire seo a bhéal, ach ná féadfadh, ní bheadh a leath oiread eolais ges na daoinibh is atá: pastaire corónta, críochnuighthe. Choidhche ní fhoidhneóchainn an ró-phastaireacht san uaidh: deiliús is easmailt mhór. B'é sás gach ró-phonnc do réidhteach é: draipeanna nó cruadhtain mhóra. Ró-rabhartaidhe an earraigh: cinn mhóra láidre. Seal ní rabhas-sa bocht, do bhí ró-rachmus agam, gach aon rud a iarrfadh mo shúil nó mo bhéal: aoibhneas togha is rogha gach nidh. Bhéic sé, léim sé, bhris go haonnidh ina thímcheall, leis an ró-racht feirge a tháinig air: corruighe fíochmhar. "Is minic é ráidhte agam leis, ciall do bheith aige" – "ró-ráidhte leis atá sé agat": ath-ráidhte go mbíonn duine tuirseach de. Ní dócha go bhfuil an ró-rath air mar ná raibh sé riamh air, bocht dealbh budh ghnáthaighe leis do bheith .i. ná fuil puinn den ádh

air. Níl an tinneas millteach úd ró-réidh fós liom, brathaim ríodhga dhe: imthighthe uaim, glan asam. Tá ró-reilig na mara mar leabaidh aca: áit adhlactha áidhbhéil lé fairsinge is lé doimhneas. Is gnáthach ná maireann ró-réim an duine bhoicht: an t-éirghe anáirde obann a thagas do dhuine ná bíonn cur leis aige. Cath saighdiúiridhe ní chuirfeadh an ró-righneas amach as a chnámhaibh sin: an dochma colnaidhe aon rud do dhéanamh. Riamh ní bhfuaireas gnóthaidhe ná cúirimidhe (cúramaidhe) an fhir sin, duine ró-rúnda dhom é: an iomad neamh-eólais agam air. Dá mbeadh ró-shaidhbhreas dhaoine eile agat bheifeá díreach chómh sprionnlaithe leó: oiread san de is nár bh'fheas duit cad budh cheart duit do dhéanamh leis. Féar ró-shabhálta go bhfuil an íle go léir imthighthe as: triomuighthe thar ceart. Mo ró-rún anocht, a Neans, pé ball duit, marbh nó beó: mo ghrádh mór thú. An ró-shaoghaltacht ag gabháil lastuas de, ná caithfeadh sé feóirling dá mbeadh a anam air: é dulta gan chuimse léi. Nách dóigh leat, idir thusa agus mise anois, ná go bhfuil do ró-shásamh agat de, is gan sutha ar fad do dhéanamh díot féin leis: breis agus do dhóthain. Dréir mar bhrathaim air mo thuairm ná beidh oiread fonn airís air, do ró-shásaimh an oidhche airéir é: fuair sé oiread is nár bh'áil leis. Bheadh eagla orm go dtuitfeadh an t-anam asam i maidhm aoir, táim ró-scáinte roim phléascán is philéar: imeaglach. An rud is mó ag teacht leat-sa ná taithnighir leis na daoinibh ró-scaoilteacht do bhéil: gan aon chluthaireacht ná fothain do bheith ann. Ró-scrúduighis me, shaoileas ná faghfá amach an t-éasc san do bheith im chroidhe: chuadhais ró-dhian ar fad sa chuardach. Dhéarfainn gur mhithid duit gluaiseacht as so anois is t'aghaidh do thabhairt ar áit éigin eile, ná fuil ró-sheal caithte annso agat: breis aimsire agus do cheart. Fear ró-shéidte seadh é dá aois, ní dóigh liom gur fada mhairfidh sé: borrtha, atuighthe thar ceart. Gaol ró-shínte eadrainn go mbeadh aon éileamh mór-mhuinnteardhais againn ar a chéile: i bhfad 'si bhfad ró-fhada amach. Tháinig ró-spalladh orm ná féadfainn do mhúchadh, dar liom, shaoileas gurbh é íota an bháis é: tart uathbhásach. Ní fhéadfad mé féin d'fhuascailt choidhche as na ró-shnaidhmeannaibh atá ghom chuibhreach: ceannaidheacha cruaidhe, daingne. Ní gábhadh aon ró-shocrughadh do dhéanamh ar an seómra go mbeidh an biadh caithte againn, annsan ruathar maith do thabhairt air: aon cheartughadh iomlán. Is fada riamh go raibh seisean ina ró-shláinte, bíonn casachtach throm air: i sláinte mhaith. Níl an t-árus san ró-shlán ar fad, tabhair aire dho .i. tá máchail air agus is furaiste leis ósbairt d'fhagháil. Gheibheann an méirleach san ró-shólás as bheith ag ciapadh daoine: sásamh ceart croidhe is aigne. Ní tógtha ar dhuine bheith aireach, cnuaisciúnach i dtaobh a choda, ach níl aon deallramh lé dul ar an ró-sprionnlaitheacht: dul lé hairiceacht ar fad. Ar a luighead ded leabhar atá léighte agat lé seachtmhain is follus ná fuil ró-shuim agat ann: puinn suime ar fad. As an ró-shuan atá air ní mhúsclóchadh Éire é: suan trom. Budh chonntabharthach dul ar snámh annsan ar an ró-shughadh atá ann: an tarrac ró-láidir atá amach ag an sruth. Níor dhein sé aon ró-thábhacht ar an láthair den méid do chualaidh sé mar nár tuigeadh do go raibh aon bhrigh leis: níor chuir sé mórán Éireann suime ann. Duine ró-thabharthach dob eadh i gcómhnaidhe, ní hiongadh é do bheith gan puinn ina dhiaidh: leagtha go mór lé bheith ag bronnadh. Bheinn i bhfad níos buidhchighe dhíot mara mbeadh an ró-thagairt do dheinis dom lé daoinibh áirighthe: tagairt thar mar budh cheart duit. Do ró-thaidhbhse ná taithnigheann lé daoinibh, dá mbeifeá níos maoile is níos cúthaile budh mhó aca go mór thu: an iomad bréig-réime. Ní bheinn ag déanamh ró-thafanta ar éinne, droich-bhéas seadh é, ach gabhaidís lé rud nó scaoilidís thórsa é: ag dul ró-dhian ag cur rud ar dhaoinibh i gcoinnibh a dtola. Mise an t-amadán a thug cao duit ró-tharrac do bhaint as mo phíp agus fios do nóta agam lé fada: an iomad di d'ól. Budh ró-

thapaidh liom do bhís dom is chnúbhálas: budh mhór dom do dheabhadh is d'fhanas ar deireadh. Choidhche níor cheart iontaoibh do chur as dhuine ró-thaomanach: duine luaith-inntineach. Capall ró-thairngthe (tairicthe) seadh é chun aon nirt do bheith ann: caol, seang. Ná bac éinne a labhras go ró-theann, ní fusa san 'ná baint dá chleitidhibh: go hárd-bhladhgarach. Má beirtear riamh i ró-theannta ort go bhfuasclaidh Dia thu: i ngreim deacair. Má bhí rud ag ró-theastáil ó éinne riamh is uait-se atá ciall anois: gan beagán di do chleachtadh is baoghalach duit. Dá mbeadh ró-thuirse mo chroidhe-se ar neach eile d'ídeóchadh sé é féin lé dolbhach: tuirse throm, dhubhach. Tá an téad ró-thagtha leat, scaoil uait feádh nó dhó dhi: an iomad di ar do cheann-sa dhi. Soir agus anoir treasna mhachaire an chatha dréir tuairisce tá ró-thiomáint dhá fhagháil ag saighdiúridhibh ó chéile: ruagadh te, trom. Chómh luath agus dhún an doras ina dhiaidh agus gur tuigeadh di go raibh deireadh aice lé lán a súl do bhaint choidhche airís tháinig ró-thocht ar a croidhe: duairceas dolbhach. Lá ró-thiomsuighthe na bhfear tá súil agam ná beir ar iarraidh chun do chion do dhéanamh: an bhailighthe mhóir. Nách aige atá an ró-thnúth leis an ndigh, bheadh sé ag brath ar an té ná feacaidh sé riamh chun a tabhartha do: a mhian 'sa dhóchas go láidir léi. Ná creid éinne, a chara, ná go bhfuil ró-thógáil croidhe i mbraon maith beathuisce: spionnadh is spreagadh. Aon fhocal ina choinnibh níl agam, tá mo ró-thoil leis: iomláin mo thola: ar a thaobh ar fad. Buaileadh im aigne as an ró-thoilteanas a bhí air teacht lé n-ar hiarradh air: ná raibh sé i ndáiríribh: a éascaidhe a ghaibh sé leis gach aonnidh. Luigh isteach annsan anois is dein do dhícheall ar an scannradh ocrais atá ort do bhaint díot, tá ró-tholmas bídh os do chómhair: go leór leór agus go leór di. An ró-thorann do rinne an pléasclach nuair thuit sé do chrith sé na tighthe na mílte mágcuaird agus do bhris fuinneóga: glór trom creathach. "An bhfuilir ag éisteacht liom? nó an bhfuil aon tor agat orm?" – "tá, agus ró-thor" .i. tá aire agus suim cheart agam id bhriathraibh. "Táir-se ró-thréan ar fad", deirtear lé duine a chuireas an iomad nirt, deabhaidh, etc., ina iarracht, a bheadh níos déine ná mar budh ghábhadh é. Táim ró-thréith, ró-thugtha chun cur i gcoinnibh aonnidh anois: ró-chlaoidhte, ró-chnaoidhte .i. gan mheisneach gan neart. Seal dob fhéidir lé hÉirinn a mhaoidheamh go raibh ró-thriatha innte: uaisle móra, tábhachtachta. Ní bheadh aon ró-thruagh agam d'éinne a bheadh bocht trí chaitheamh a chuid airgid go hait: puinn truagha. Ró-thubaiste ort agus ní chrosaim thu mar is mór é do dhuadh agam: tubaiste chómh trom agus b'fhéidir do thuiteam ort. Dá mhéid do dheineas mo dhícheall, i ndeireadh na dála ní raibh ró-thuigsint agam ar cad budh bhun leis an dtagairt dom féin: aon tuigsint mhór ná ghlan. Ró-thuillte atá an chroch agat: ní féidir aon amhras do bheith ná go bhfuil an oiread déanta is gur cheart tú do chrochadh. Bhí an biadh ina ró-ualach ar mo chroidhe go ndeárna sé breóidhte me: ualach an-throm, an-mhío-shásta. Creidim go bhfuil chomh ró-úrchóideach is go leigfeá duine chun báis leis an ocras is a shaoradh do bheith agat: an oiread san uilc id chroidhe.

róba: *f.4.* balcais, gléasadh saidhbhir, nósmhar. Choidhche ní raghaidh róba an tsagairt air, cuirfead geall leat, níl sé d'éirim ann: éide: culaith. Cuirfead róbaidhe is síoda: éadach dá fheabhas. Dá mbeadh róbaidhe uirthi ní phósfadh sé anois í, tar éis é do dhiúltadh cheana: éadaighe uaisle.

robáil: *b.3.* ag slad, creach. Bhítheas díreach ar tí me do robáil nuair bhrathas an lámh ag dul im phóca go haicillidhe: mo chuid airgid do ghoid uaim. Robáil cheart seadh an méid

sin airgid do thabhairt ar earra chómh beag leis .i. is cosamhail é leis an airgead do shlad as phóca dhuine. Táim ghom robáil féin ar do shon: ag tabhairt ruda uaim dhuit gur ar éigean atá gustal agam air: ag déanamh mo dhíoghbhála féin. Ag robáil na ndaoine atá na siopadóiridhe céadna riamh: ag baint breis mhór agus a luach as gach earra dá ndíolaid.

robálaidhe: *f.4.* duine a ghoideas, a shladas, a chreachas. Robálaidhe cait annsan ná beadh faic fé chloich agat ná go n-árdóchadh leis: foghlaidhe cait, bitheamhnach, bradaidhe. Cad eile lucht an ime do cheannach ach robálaidhthe claona, ag ceannach ar dhá thuistiún is ghá dhíol ar a dhá oiread: dream go mbíonn cuid dhaoine eile aca go neamhcheart.

robálaim: *b.a.* creachaim, scriosaim, bainim amach go cam, sladaim. Robáladh ar bórd áthraigh é, níor fágadh pingin ina cheirt: tógadh a chuid dá aindeóin nó i nganfhios do. Ar a dhaoire atá ólachán anois robálfadh sé an saoghal bheith ag gabháil do: dhéanfadh duine dealbh. Robálfair tú féin lé héadach: ceannóchair an iomad de agus go ró-dhaor. Mara seachnóchair robálfair thu féin: táir ag caitheamh an iomad agus bochtnóchair thu féin. Nuair tháinig na saighdiúiridhe gan smacht 'on bhaile robáladar rómpa is ina ndiaidh: d'fhuaduigheadar is shladadar idir seo súd.

robálta: *a.r.* creachta, scriosta, goidte, sladta etc. Táim robálta agat ó bheith ghod chur síos (cártaidhe) .i. gach uair do chuirim airgead imeartha ar bhórd duit cailleann tu. Bheifeá robálta bheith ag ceannach sa tsiopa dhaor san: ní fágfí pingin agat gan scriosadh uait. Tá nead an éin robálta: na huibhe nó na gearrcaigh árduighthe chun siubhail.

roc: *f.1.* filleadh, crapadh, caisimín, furca; míchéadfadh, gruaim, púic. Ruic mhóra throma is claiseacha doimhne eatartha ina éadan lé haois: an fheóil casta, ríghnighthe ar a chéile i líntibh. Níor baineadh an t-úr i gceart as an bplainín sin tá ruic ann: baill de tútach bailighthe ar a chéile ina gcnapánaibh. Ná bíodh aon roc ort i dtaobh nár iarramair do chuideachta, ní haon olc do bhí orainn: míchéadfadh: mío-shásamh. Tháinig roc air toisc nár labhair éinne leis: ciapuightheacht. B'fhearr dhuit gan aon rud d'fhagháil uaidh níor thug sé nidh uaidh riamh ná go mbeadh roc ina thaobh air: míoshásamh aigne: i gcoinnibh a thola, comaoin.

roc: *f.1.* saghas rotha, iasc go mbíonn sciatháin mhóra leathana air, gob chaol cruaidh, an béal thíos fé, bolg sleamhain bán, drom dronnach garbh, srumach, earball fada caol, na trí héisc is luaithe sa bhfarraige – roc rón, ronnach. Cáit roc!: cáit ghránda.

rocach: *a.* fillteach, craptha, furcuighthe, garbh. Aghaidh mhór rocach air go raibh rian na bolgaighe innte: fillteacha, righnighthe cneasa is feóla garbh. Níor bh'aon díoghbháil an t-iarann do chur ar do chasóig, is í atá go rocach an amhlaidh do chodluighis innte?: tútach: crapuighthe. Cómhartha ró-nirt ar an dtarbh an muineál rocach atá air: faithidhe: fillteacha seithe is riastaidhe eatartha.

rocaim: *b.a.* $_{7}$ *n-a.* fillim (mar éadach), cuirim faithidhe ann. Rocfaidh do chuid éadaigh má chaithir i gcúil a chéile mar sin é. i. tiocfaidh fillteacha ann. Rocann croiceann an

duine leis an aois: tagann filleasca is riastaidheacha ann. Ná roc an criosúir: ná cuir castaidheacha ann.

rochall, rochallaim, rócán: *fic* **urchall, rochallaim** agus **rabhcán**

rochtain(t): *b.2.* do shroicheamhaint, rángachtaint, gnóthughadh; taisteal. Ar rochtain(t) aois fir do gheóbhaidh sé ar fágadh in oidhreacht aige: ar shroichstint. Lé tuirse chuadhas lom díreach a chodladh tar éis an tighe do rochtain(t) dom: é do bhaint amach. Bhíos díreach ar rochtain(t) ar sin do rádh nuair cuireadh cosc liom: ag teacht air. Sé a bhí ina aigne ach gur sciob an bás leis é an t-airgead dom rochtain(t)-se: do dhul chugham-sa. Is deacair milleán do chur air ná fuil aonnidh aige, déineann sé a dhícheall rud éigin do rochtain(t): do ghnóthughadh. Díreach is mé ag an eaglais bhí earball an phobail ag rochtain(t): ag teacht ann. Lé rochtain(t) an earraigh gach bliadhain tagann fonn gluaiste orm: ar dteacht do. Dá bhféadainn an charraig do rochtain(t) de shnámh: dul go dtí í.

rochtaire: *f.4.* gnáthuightheóir, duine gur gnáth aige rudaidhe do cheannach in áit nó ó dhuine áirighthe; aoidhe. Táim in rochtaire ag an dtigh sin lém chuimhne agus ní bheadh sé de dhánaidheacht ionam luach pingne do thógaint ar cáirde ann: gnáth-cheannuightheóir. Sin iad rochtairidhe an tighe óil anois agat, gheobhair ann iad an uile oidhche ag caitheamh a mbraoin 'sag déanamh cuideachtan: gnáthuightheóiridhe.

ród: *f.1.* bóthar, bealach slighe, conair, triall, leabaidh ancaire, caol farraige i bhfothain talmhan. Cuireadh an long fé ród ar Pholl an Daimh: ar ancaire. Fágadh na líonta ar ród thar oidhche ar fionnraighe: ceangailte de théid (théadaibh) go mbíonn clocha troma (nó ancaire) dhá gcoimeád in ionad. Ag iascach dheargán ar ród: an bád ina stad fé ancaire. Cuir ród as an nadhbhóig .i. cloch is téad chun a coimeád in ionad áirighthe nó cuibhreach téide, etc., cois talmhan nó calaidh. Téidhimis fé ród annso: cuirimís ár n-árus (long, bád, etc.) fé (ar) ancaire annso. Líonta róid: líonta fionnraighe .i. a bhíos ar coimeád in ionad lé hancaire nó cloich is téid. Sid é ár róid-ne: an log chun dul ar ancaire ann nó an fearas .i. éadtromán, téada, etc. a bhíos fágtha ann. "Ag an mbeannaigh do cuireadh fé sheól í is go fairsing an ród ó thuaidh": leirg chiúin fharraige i bhfothain oileáin is carraigeach. "Cam díreach an ród is é an bóthar mór an t-aithghiorra": dá anacraighe í go minic is í an tslighe mhacánta is fearr. Dá luaithe bheifeá ag greadadh an róid dob fhearrde thu é níl fáilte ar bith annso rómhat: ag cur an bhealaigh díot. "Do gheóbhair saill uaim, fíon is beóir/ is éadach 'na n-aice budh mhaise dod shórt/ acht ó chidhim do bhuime chugham sa ród/ ní gheallfad uaim duit duais ná seód": ag gabháil an bhóthair fém dhéin. Níl siubhal an róid ionam, tá mo chnámha chómh himthighthe sin: ní fhéadfainn taisteal ar an mbóthar. Níl bóthar, ród ná casán ag dul chun an tighe chéadna .i. aon tsaghas slighe in ao'chor. Fág an ród uaim!: imthigh as an slighe! fág mo bhealach! An ród geal atá i ndiaidh na luinge lé siubhal: rian: "bóthar" geal. Tháinig sí chun róid i lár an chuain: chaith sí a hancaire ann. Bhris sí ó n-a ród: chaill sí a leabaidh ancaire trí ósbairt éigin. Téad (cábla) róid .i. a bhíos ón mbád, líonta, etc., go tóin puill ceangailte den ancaire. Chuireas bróga róid orm, an feighre a bhí orm bhíodar ró-lag: bróga troma oireamhnach chun siubhlóide. I gcorplár na cuideachtan dúinn an lá aoibhinn gréine úd i dtigh tábhairne do bhuail chughainn isteach ridire róid agus tar éis luighe linn do chrom ar eachtraidhe dhúinn ar a imtheacht: duine ná raibh mairg sa tsaoghal air ach

ag siubhal roimis. Tá eaga na fáilte caithte agam, bead ag cur chun an róid anois: ag gluaiseacht ar mo thriall. Bíodh do rogha róid agat feasda, táim-se scartha leat: gaibh aon tslighe is mian leat.

ródaidhe: *f.4.* taistealaidhe, fánaidhe, treóraidhe. Ródaidhe maith capaill é sin agat, aithnighim ar an sodar atá aige é: capall maith chun bóthair. Ceann-ródaidhe na Gearmáine Hitlear: treóraidhe. An Pápa ceann-ródaidhe na hEaglaise: an té a stiúras í. Bainfidh na hainmhidhthe sin an tigh amach gan baoghal, tá ceann-ródaidhe ortha go bhfuil eólas na slighe aige: ceann atá ag treórughadh na coda eile. Ní beag agat-sa tú féin, ní bhír sásta bheith ag baint lé haon dream, camplacht ná aicme gan bheith id cheann-ródaidhe ortha: treóraidhe. Ní ragham amudha, tá ceann-ródaidhe maith againn: duine go bhfuilimíd fé n-a chúram.

ródach: *a.* lán de bhóithribh, ion-taistil; tugtha do thaisteal; scagtha, beárnach. Chaitheas túis mo bheatha ró-ródach, anois im shean-aois tá sé ró-dhéidheannach agam cur fúm: taistealach: ag imtheacht ó áit go háit. Ní bheidh aon duadh puinn agat an áit, ceanntar, go léir d'fheicsint, áit ródach seadh é: bóithre go flúirseach ann. Cheangail dealg im stoca is tá sé ródach dá dheascaibh: scar go mbíonn greamanna ar lár ann. Tá an líon so ródach a dhóthain tar éis an róin ghá stracadh: beárnacha go leór ann.

ródaidheacht: *b.3.* taisteal, gluaiseacht ar bóthar, bóithreóireacht, fánaidheacht. Béas na n-ógánach sa pharóiste seo bheith ag ródaidheacht lasmuigh in ionad suidhe cois teineadh mar dheineadh na seandaoine ag scéalaidheacht: siubhal na mbóithre. Is mór an ródaidheacht ó Dhaingean go Corcaigh é i gceithre lá de chois: siubhlóid fhada, choingheallach. Dá ndeinteá sa ceann-ródaidheacht dúinn ní bheadh baoghal ná go sroichfimís ár dtriall mar tá an t-eólas ort: treóraidheacht. "Im aonar seal ag ródaidheacht/ cé sheólfaidhe im choinne lá/ ach an spéir-bhean mhaiseach, mhodhamhail mhín/ 'si Móirín Ní Chuilleannáin": ag triall na slighe dom. Ródaidheacht is mó a bhí ina cheann is ní hobair: fánaidheacht saoghail: bheith ag triall roimis.

ródáil: *b.3.* do chur ar ród ar fionnraighe (líonta), do cheangal lé téid, cábla etc., in ionad áirighthe gan aistriughadh. Cuireadh na líonta ar ródáil mar a raibh súil go mbeadh iasc ag ráthaidheacht leis an oidhche: téad is cloch (ancaire) asta chun a gcoimeád ar fionnraighe. An bád do ródáil ar an linn: í d'fhágaint ar snámh uirthi is feistiughadh do chur uirthi maidir lé ceangal lé hancaire nó den talamh. Téad, cloch, etc., ródála .i. chun aon ruda a bheadh ar snámh do cheangal gan bheith ag imtheacht leis an dtaoide.

ródálaim: *b.a. 7 n-a.* cuirim chun ancaire, feistighim bád, etc., snámha in aon-ionad. Ródáltar líonta san lúib chiúin sin chun beartha ar iasc: feistightear lé téadaibh is ancaire nó cloich. Ní ródálfadh an nadhbhóg ann bhí sé ró-shuaidhte: ní choingbheóchadh sí a greim ann.

ródálta: *a.r.* curtha fé (chun ancaire), feistighthe lé téadaibh, etc., ón dtalamh. Táimíd "ródálta" annso sa tigh tábhairne seo, is ní sheólfaidh faic as sinn: curtha fúinn go daingean. Líonta ródálta .i. go mbíonn ceangal ó thóin puill ortha chun a gcoimeádta gan imtheacht leis an bhfarraige.

roduighim, roduighthe etc. *feic* **ruduighim** etc.

rogha: *f.4.* (*iol.* roghanna, roghaite) an rud a toghtar, an chuid nó an rud is fearr, barr, "an chraobh", "plúr", tosach. Is é rogha na bhfear chun troda atá toghtha agat, níl neach ann is feárr 'ná é .i. is é go bhfuil an chraobh ar throid aige. "Dá bhfaghainn-se féin mo rogha de mhnáibh deasa an domhain/ sí Bean Dubh an Ghleanna dob fhearr liom": dá dtugtí cómhacht nó cead saor dom bean do thoghadh asta amach sin í an bhean go ndeimhneóchainn uirthe. Sin té ar dhá scilling agus sin té eile ar leath-choróin, bíodh do rogha agat: toigh an ceann is maith leat. "Is deacair rogha do bhaint as dhá dhígh (dhíogha)": is deacair tosach do thabhairt do cheann aca ar an gceann eile .i. an aigne do shocrughadh ar an gceann budh dhóigh lé duine dob fhearr. Tá cead saor agat do rogha rud ar an aonach do dhéanamh: aon rud is mian lé t'aigne gan eadrán ó éinne. Bíodh a rogha beatha aige, fé féin atá luighe lé feirmeóireacht, dul in arm, etc.: cead, cómhacht nó príbhléid aon ghairm aca san do thoghadh dho féin. Is tu rogha ar bhuail riamh liom (pé rud a bheadh i dtreis): an té is fearr: sáruighir ar bhuail liom. Is é an rogha idir dhá ghabhar chaocha dhom, duine agaibh do thógaint roimis an nduine eile, mar ná fuil an diabhal maith in éinne agaibh: is deacair do dhuine a leas do dhéanamh eadraibh. Níor bh'fhearra dhuit rud do dhéanfá ná an chéad cheann chun do láimhe do thógaint, níl rogha ná díg ortha: ní fhéadfá do mhéar do bhualadh ar aon dá cheann is a rádh, "sid é an ceann is fearr; sid é an ceann is measa". Fuair sé rogha toghaidh, cad eile bheadh uaidh? an amhlaidh ná fuil sé sásta?: fuair sé cead an ceann do thoghfadh sé do bheith aige. Ró-fhada in achrann 'sin earrad lé chéile sibh, déinidh ar son bhur marbh muinnteardhas, ní théigheann rogha ón réidhteach .i. ní bheadh aon rud eile a dhéanfadh sibh chómh maith leis. "Cad é do mheas ar mo bhrógaibh?" – "tá rogha an tsiopa agat": na bróga is fearr ar díol ann. An té go mbíonn an toghadh aige is gnáthach go mbíonn an rogha aige: an té go mbíonn fé priocadh do dhéanamh as líon rud den gcineál gcéadna. Dá mbeadh a fhios agat i gceart, tá rogha agus toghadh na tíre: an chraobh maidir lé fóghantas. Bíodh do rogha agat – bruighean nó síothcháin .i. péaca den dá cheann is mian leat do thoghadh. B'í Máire m'aon-rogha mná: an bhean dob ionmhaine liom ameasc ban. Bíodh do rogha lae agat, oireamhnóchaidh aon cheann aca mise: aon lá is mian leat. Ní raibh an dara rogha agam, chaitheas gladh leis .i. aon rud amháin lé déanamh. Leigtear dos gach éinne a rogha rud do dhéanamh: ná bíodh cosc, ceangal, tafant nó toirmeasc ar neach a thoil do dhéanamh. "Ag ceangal a shearraigh don fhíneamhain, agus bromaigh a asail don rogha fhíneamhna, do nigh sé a éadach i bhfíon, agus a chulaitheacha i bhfuil grápaighe" (Gen. XLIX. 11): an fhíneamhain dob fhearr. Ní bhead ag déanamh rogha de dhuine agus díg de dhuine, gheóbhaidh sibh uile go léir an déanamh céadna uaim: bheith i bhfábhar éinne seachas a chéile. An amhlaidh mheasann tusa rogha do dhéanamh díot féin ameasc na bhfear so: tú féin do chómharthughadh ina measc: tú féin do chur rómpa nó os a gcionn maidir lé feabhas. Thógfainn tusa de rogha roim aon bhean eile aca: dá mbeadh cead agam an duine, etc., is fearr a thaithneóchadh liom do thógaint gan bac, tusa do thógfainn. Ní thógfainn de rogha thu: ní spriocfainn ort do bheith ar an té is fearr atá i dtreis. Cad é an cnáimhseán atá air, ná fuil togha is rogha an mhargaidh fé: gabháil tríd, ó n-a thóin ceann agus an rud is áil leis do thógaint. Chuirfeadh sé mo rogha geall liom go ngeóbhadh sé an lá ar éinne beó fé láthair, tá sé chómh muinghineach san as féin: aon gheall budh mhaith liom d'ainmniughadh. É féin a mháighistir féin, gabhann sé isteach is

amach tá a rogha rud aige: níl bac ar a thoil féin do leanamhaint. A rogha aige a thástáil nó gan a thástáil, sé an toradh céadna dho é, ní bhfaghaidh sé faic: péaca is méine leis do dhéanamh. Tabharfad fé, a rogha agam éirghe liom nó teip: péaca den dá nidh a thárlóchaidh dom. A rogha agat bheith macánta nó mío-mhacánta. Claoidhfead leat go bhfaghad amach: bí nó ná bí macánta. Tar éis a chainnte go léir is a ghradaim, dar leis níl rogha toghaidh aige ná toghadh roghaidh: ní raibh cead aige an rud dob fhearr do ghabháil, ná ní bhfuair tosach chun a dheighilt ón iomlán. Féach nárb roghaide na tighearnaidhe talmhan a ngéirleamhaint ar a dtríontaidhthibh, do leaghadar go léir ar nós sneachtadh na bliadhna anuiridh: ná tabharfadh duine tosach dóibh ina thaobh, nár bh'fhearrde iad é. Cuimhnigh go bhfuil sé bainte amach lé lámh láidir agat is nárb roghaide thu é, do dhíth go ndéinidh sé: pioc dá thairbhe nár gheibhir: gur measaide thu é. Fiafruighim díot, an roghaide thu bheith ag ól? an fearr tú dá bharr? an dtógfadh éinne thu níos túisce dá chionn? An rogha leat mise 'ná í: an dtabharfá tosach glactha dom-sa? An rud is rogha leis féin déineadh. Caitheamh aimsire seadh bheith ghá mion-scrúdughadh, níl aon rogha ortha: mar a chéile seadh iad, cómhmhaith, cómholc. A rogha ag an aimsir do bheith olc nó maith tiocfad: bíodh sí ar aon aiste is cuma cad é. Tá sé ráidhte riamh, "gach rogha lé fánaidh", agus is fíor é, is beag duine a chuireas cruadhtan air féin dá mbeadh a mhalairt slighe aige: leanann gach éinne an bealach is fusa agus is réidhe. Ní de rogha do dheineas é do bhualadh, ach ná raibh aon tslighe eile agam ar me féin do shaoradh air: ní toisc gur bh'é b'fhearr, mar nár bh'é. Thógfainn de rogha an Domhnach seachas aon lá eile ní fheadar cad n-a thaobh: spriocfainn air. Rogha na mban aige mar mhnaoi: plúr: an té is fearr aca. Gheobhadh sé a rogha luach ar an áit: an méid airgid a bheadh uaidh. A rogha agat a thaithneamhaint leat nó gan a thaithneamhaint déanfad é: péaca maith nó olc leat é. A rogha agam-sa gráin nó cion do bheith agam ort, nách cuma dhuit?: cad é do bheann orm? Coll is cuileann rogha na coille: na crainn is fearr innte. An langa rogha na mara: an t-iasc is fearr innte. Rogha saighdiúra an tÉireannach: an saighdiúir is fearr. Rogha gach intleachta an mhacántacht .i. i ndeireadh dála is í is fearr. Rogha is togha bídh lé fagháil ann ar chosamhlacht: an chuid is fearr de. Céaca is rogha do Thomás?: céaca go spriocann sé ar bheith ar an gceann is fearr. B'é a rogha fir thar chách é: is air a sprioc sé lé barr feabhasa. Níor fágadh aon rogha agam, b'éigean dom a dhéanamh: an dara dul suas: malairt ruda lé déanamh. Ag obair, nó budh roghaide dhom a rádh, ag leigeant orm: budh chóra: dob fhírinnighe dhom. Budh roghaide an té seo gan an oiread siúicre do chur air, tá sé i bhfad ró-mhilis: b'ionthógtha é: budh thaithneamhaighe é.

rógaire: *f.4.* cladhaire, cleasaidhe cam, rábaire (go ceanamhail), bitheamhnach, cluainire, lúbaire. Rógaire i gclódh duine mhacánta riamh é sin: duine gur dhóigh leat gur leat féin ar fad é agus a fheallfadh ort nuair gheóbhadh an chao. An chuma naoidheanta, shéimh do leigeann an rógaire air féin agus é chómh cionntach is d'fhéadfadh do bheith: an lúbaire, feallaire. Is mór an rógaire thu bheith ag leigeant ort thu bheith bocht is tú lán d'airgead: mealltóir. An rógaire is caime deineann an bás fear díreach de .i. síneann ar a fhaid agus ar a leithead é dá fhaid bhíonn ag rith leis. A rógaire, ag leigeant ort ná fuil cion agat uirthi ataoi: a chladhaire, a chleasaidhe, is maith atá a fhios go bhfuil. "Mo stocaidhe is mo bróga gen rógaire dubh": cladhaire bitheamhnaigh. Bheadh seisean ag déanamh fonmhóide fé shagart, an rógaire: fear cleas gan urchóid. Rógaire capaill ná féadfá seasamh air .i. ceann a chuirfeadh stailc suas an uair budh lugha bheadh coinne

leis. Tá súil an rógaire istigh ina cheann: súil olc: súil gur follus lé féachaint uirthe go bhfuil camasghail sa duine. Is deacair comhthrom do bhaint de rógaire: bheith maith a dhóthain do féin is dá chuid cleas. Rógaire a bhéarfadh ar rógaire: bitheamhnach an t-aon duine a bhainfeadh comhthrom de bhitheamhnach.

rógaireacht: *b.3.* bitheamhantaidheacht, cladhaireacht, cam-chleasaidheacht, calaois, cealgaireacht, cleithireacht. Beannuighim uaim iad, níl rógaireacht ar an dtaobh amuigh dhíobh: táid lán de chladhaireacht .i. d'fheallfaidís nuair ná beadh coinne leis. Má tá rud aige, is lé rógaireacht a fuair sé é: mío-mhacántacht. Ní bheadh a fhios agat an soir seachas siar do bheadh sé ag gabháil, tá an oiread san rógaireachta ina bholg: camasghail. Ná cuir aon nath é do bheith ag gabháil díot, bheadh sé mar sin lé rógaireacht: cleithireacht: ag leigeant air chun grinn do dhéanamh díot. Ní fios d'éinne ach do féin cad dhéanfaidh sé, tá an rógaireacht ina bholg: lúbaireacht ceangailte go smior ann. Ná bí d'iarraidh an mhilleáin go léir do chur air siúd, tá do chuid-se den rógaireacht leis ann: den gcealgaireacht. Ní dóigh liom gur thugais mo cheart mion-airgid dom, an ag déanamh rógaireachta orm ataoi?: ag imirt cam-chleas. Dá mbeifeá saor céad míle uair air, ní ag dul ón rógaireacht dhuit é .i. níor lughaide dhuit 'ná bheith cionntach dá neamhchionnta do thaidhbhsighir.

róghnuightheóir: *f.3.* duine a dheineas rogha, toghthóir. Ní furaiste dhom bheith im róghnuightheóir ar an rud a mbronntar orm .i. ní fúm atá.

roide: *f.4.* uisce portaigh, brúscar, trufais bhog; dobuan. Cuireadh prugóid ar an ndigh i nganfhios do, is tháinig an roide air, bhí sé ag rith leis féin ar feadh an lae: dobuan: scaoilteach. Ón lá baineadh an mhóin tá clagarnach bháistighe ag gabháil di, tá sí ina roide, teine ní dhéanfaidh sí choidhche: bog, leachta. B'fhearr roide (portaigh) d'ól 'ná an eanglais té sin: an t-uisce a bhíos ina stad is go mbíonn salachar na móna go trom ann.

roilleóg: *b.2.* éan bolg-bhán, cos agus gob dearg, drom is sciathán dubh, a ghnáthuigheas cois mara a mhaireas den gcuid is mó ar iascáin na fóraoile. Cómhartha droch-aimsire a luighe go mór leis an dtalamh. Ná bí ag imtheacht id roilleóig, bíodh stuidéar éigin leat (lé mnaoi): duine rúiseach. Ná déin roilleóg díot féin (lé mnaoi) .i. bíodh ciall is fuaimeant leat. Ar nós na roilleóige bíonn sí: gan stuidéar mór in aon áit uirthi. Tair isteach ón mbáistigh, a roilleóigín: bean (cailín) gan puinn fuaimeanta: éagconnta. Roilleóg mhná a bhí pósta agam, budh dheacair foidhneamh léi: beainín ná déanfadh nó ná déarfadh aon rud lé fuaimeant ceart.

roillse: *b.4.* aiteas, gotha, feádh(anna), forcamás. An túisce a bhí beagán airgid curtha ar a chéile aice ní shásóchadh aon rud í gan éadaighe breághtha do bheith aice, gluaisteán agus tigh nuadh, gan mhór-mhoill tháinig roillsidhe an domhain fúithi: teadhanna aite: chuir sí gothaidhe galánta uirthi féin. Do dhuine bhocht ghaibh roillsidhe móra é, budh lag leis bheith mar a chómharsain, lag-dhaoine uaisle gur mhéine leis do bheith ag guailneáil leo: tháinig feádhanna aite fé. Bhuail na roillsidhe dob aite amuigh í, dar léi, gur chóir dhi bheith chómh gléasta lé duine ar bith eile agus aoibhneas an tsaoghail do bheith aice gan mór-dhuadh do chur uirthi féin: spreannganna. Nách iad roillsidhe na hóinsighe dhuit bheith ag aithris ar dhaoinibh saidhbhre is gan pingin id spaga:

fastaomach: aimideach: díth céille. Nách roillse dhuit a cheapadh ná fuil agat ach a lorg chun a fhagháil: teadh ait. Ní fhéadfadh sí an rud is lugha ar domhan do dhéanamh gan roillse go dtabharfadh an saoghal mór fé ndeara í: blomas: taidhbhse: teasbántas.

róimh: *b.3.* príomh-chathair na hIodála, ceannphort sean-impireachta agus na poblachta Rómhánaighe, agus na heaglaise críostaidhe. Ní chreidfinn ó Phápa na Rómha go ndéanfadh sé aon rud chómh sprionnlaithe: aon ghéilleadh ní thabharfainn do. Ní fírinnighe dhuit (agat) Pápa na Rómha ghá innsint duit .i. creid go diongmhálta go bhfuil sé fíor. Nuair bheir sa Róimh bí id Rómhánach leo: in áit iasachta nó ameasc daoine iasachta déin mar néid .i. ná bí cor lé haon rud a bhíos ar siubhal ag an mbreis. Ní in aon ló do tógadh an Róimh .i. i ndiaidh a chéile déintear na caisleáin: ní fuláir lón is aimsir do chaitheamh lé rud mór-thábhachta.

roimh: (**roim**) *r-fh.* chun tosaigh, os choinne, ag feitheamh (órd nó ionad); níos túisce. Tháinig sé abhaile rómham-sa .i. bhí an baile sroichte aige sara raibh agam-sa. Dá mbeadh sé agam do gheóbhfá é roim éinne eile: gheóbhfá tosach .i. ní bhfaghadh éinne é níos túisce ’ná thu. Mar scríobhnóir táir i bhfad roim éinne eile: is fearr go mór thu ’ná iad. Cé atá ag teacht rómham nó an bhfuil éinne?: an í seo m’uain? an bhfuil tosach ag neach orm. Innis dom cé tá rómham annso, ó táim dall, ní fheicim é: os mo chómhair. An rud a bheadh agam-sa lé rádh ní laistiar díot a raghainn leis ach rómhat: os do choinne. Rugadh roimh am é: sara a raibh a uain tagtha. Dá fheabhas é ní bheadh sé chómh maith chuige mara mbeadh é do bheith déanta go minic roimh ré aige: níos túisce ’ná san. Ní thagann ciall roim aois: sara dtagann an aois. Roim bhás do dhein sé faoisdine ghlan gurb é budh bhun leis an marbhadh: sara bhfuair sé bás. Níor thréig ár sínsear rómhainn a ndualgas, cad fáth go ndéanfaimís-ne .i. a bhí ar an saoghal cianta sara rabhamair-ne. Tá meas agam ort féin agus bhí ar t-athair rómhat: a tháinig sara dtáinighis-se. Ní fheaca im shúilibh beatha roimis sin an duine céadna: aon am go dtí san. É sin! bheadh sé ag innsint éitheach roimis is ina dhiaidh .i. ag stealla éitigh gan aon mheas ar an bhfírinne aige. Tair roimh oidhche, seadh is fusa dhuit an bóthar do mheabhradh: sara mbí an oidhche ann. Dubhart leis ciall do bheith aige agus is minic roimhe sin adubhart an rud céadna: amanna níos sia siar ’ná san. Roimh is ní tar éis bídh is fearr purgóid do chaitheamh: sara n-ithtear an biadh. An roimis (sin) nó ina dhiaidh a thárla dhuit teacht ann?: níos luaithe ’ná san. Roimh phósadh dho bhíodh sé an-scléipeach, anois tá sé an-stuidéartha .i. sar ar pósadh é. Chongaibh sé rómham amach i gcomhnaidhe, is dá mbriseadh Dia mo chroidhe ionam ní fhéadfainn teacht suas leis: chun tosaigh orm. Ar an méid oibre atá rómhat (amach) is a luighead aimsire atá agat chúiche beidh sé dícheallach órt í do chríochnughadh in am: féd bhrághaid lé déanamh. Is fearr aifreann rómhat ná dhá aifreann id dhiaidh: sara bhfaghair bás is fearr an t-anam d’fhriotháilt is a chóiriughadh i gcóir na síorraidheachta. An saghas duine atá ann, ní bhíonn náire roimis ná ina dhiaidh air: aon am: mar gheall ar aon rud atá déanta aige nó a dhéanfadh sé. Cuimhnigh ar an nidh atá id bhéal agat, ní teacht rómhat air sin é, ach is dóigh liom go bhfuil dearmhad ort: ag teacht treasna ort: ag treasnughadh ort. Ní furaiste a rádh cad dhéanfad, táim ag brath rómham: ag tabhairt aire cad budh cheart dom do dhéanamh. Bí ag brath rómhat annsan, tá an talamh an-bhog is b’fhéidir go raghfá ar lár: aireach. Is fearr féachaint rómhat ’ná dhá fhéachaint id dhiaidh: is mór ar fad gur fearr machtnamh do dhéanamh roim ghníomh ’ná bheith in aithreachas ina dhiadh san. Chonnac an dall ag brath roimis lé n-a bhata ag dul treasna na sráide: ag cur a bhata

thall ’sabhfus d’fhéachaint cad bhí ann. Fear a bhíos ag siubhal roimis é sin gan tigh gan treibh: fánaidhe: ródaidhe. Bead ag siubhal rómham ar mo shocracht: ag gluaiseacht. Tá an t-arm ag sáthadh roimis d’aindeóin gach constaice: ag gluaiseacht de dhruim nirt. Is cuma leat ach sáthadh rómhat .i. aon tsos ní dhéinir chun machtnaimh ar stad na traenach: buailfead féd bhrághaid ann. Mo chómhairle dhuit bóthar éigin eile do thabhairt ort, beifear rómhat ar an mbealach san: ar do thí: ag feitheamh leat chun tú d’ionnsaighe. Suidh agus ith in ár gcuibhreann, níl aon doicheall annso rómhat: míofháilte léd theacht eadrainn. Na céadta mílte fáilte rómhat dá dtagadh Éire chughainn: féd bhrághaid: tugtar duit ar do theacht. Ná bíodh aon náire ort roim an nduine uasal san a leinbh: ná bíodh tamáilteacht ort ina fhiadhnaise. “Cré rómhat is móin id dhiaidh” .i. ar an leabaidh iomair chun cinn ort. Sin mar is slachtmhaire iad. Mara mbeidh biadh rómham-sa, beidh ceól sa tigh: fém bhrághaid, réidh, ullamh dom. Bóthar mín réidh rómhat: lé taisteal agat. Ní fheadair éinne cad bhíonn roimis .i. lé tuiteam amach air: i ndán do. Ní mhaoidhim ort in ao’chor an saoghal atá rómhat: lé gabháil tríd agat. Cad is dóigh leat do cuireadh rómham (lé n-itheadh, lé n-ól)?: ós mo chómhair: im fhiadhnaise. Níl aon rud a chuireas rómham fós ná go ndeárnas: gur thugas fé n-a dhéanamh. Ó chuiris ceann an chaca den scéal rómhat, seo leat é, bíodh sé ar a thástáil agat: ó thugais ort féin an t-aiteas etc. Thugas liom rómham iad (ainmhidhthe etc.): thiomáineas iad. Leig mise rómpa, is agam is fearr atá eolas na háite: chun cinn ortha chun a dtreóruighthe. Ag cur na cairte roim(is) an gcapall ataoi: ar a aghaidh amuigh in ionad taobh thiar de: do dhéanamh nidh go mí-cheart. Tóg aon rud a bheadh rómham: as mo shlighe. Seadh, táid ag buadhachtaint go dtí so ach tá rómpa .i. tá iomard is cruadhtan fé n-a léith fós. Guidhimís lé hanaman a bhfuil láithreach is a dtáinig rómhainn: a bhí ann sara rabhamair-ne ar an saoghal. Dréir deallraimh, ní chreidfeá an chainnt sin rómham, ní bhfuairis blas na fírinne uirthi, an eadh .i. atá ráidhte. Glaoidh na hainmeacha atá rómhat síos ar an gclár: os do chómhair i ndiaidh a chéile. Téighir rómpa agus abair leó an teachtaireacht úd do bhreith ón mbaile mór leó: fé n-a mbrághaid. Is dána an diabhal thu, níl eagla roim Dhia ná dhuine agat: i dtaobh feirge do chur air. An-mheisneamhail ar fad dóibh, ní raibh aon cheisneamh roim an mbás: níor chuir machtnamh buailte leis aon imshníomh ortha. Cad tá rómham anois agam, an eadh?: cad tá fonn orm do dhéanamh nó dhá dhéanamh agam. An aimsir roimis sin, bhí sí go háluinn. An tseachtmhain (Nodlaig etc.) roimis sin seadh tháinig sé: níos túisce. Ní raibh faic rómham sa bhaile is me silte leis an ocras: biadh ar bith réidh dom. An seasófá roim éinne is an méid sin do rádh?: i bhfiadhnaise. Ná leig rómhat é ar do bhás: buadhachtaint ort: dul chun cinn ort: scaoileadh thart amach. Tair rómhat mar seo, agus chidhfir: gluais mar seo. Tagann rud éigin rómham i gcómhnaidhe a chuireas amugha me: treasna orm: im bhealach. Ná bí ag rith rómhat mar sin .i. tá an iomad fuadar fút, féd theangain. Buail rómhat: lean ort. Bíonn sé ag dul ’sag ceannach roimis: ag síor-ghabháil de. Ní thógfainn éinne rómhat: thabharfainn tosach duit: b’fhearr liom thu ’ná neach eile. Cé nó cad roim go mbeadh eagla orm: mar gheall ar go etc. Má abrann tusa na focail rómham, déarfad-sa id dhiaidh iad: iad do rádh ar dtúis.

roinnt: *b.2.* *7* *3.* do dheighilt, do scarad, do riar; codacha, blúiridheacha, smuit do dhéanamh de; ádhbhar, cuid, lón etc., etc. Cá bhfuil mo roinnt-se den airgead?: an méid atá deighilte amach dom as an iomlán: mo chuid. Fan ar do roinnt fein, ná bí ag canntáil ar mo chuid-se: do chuid féin: an méid is leat nó tá ag dul duit. Fuair sé an roinnt budh mhó, mar bhí léighe leis: an chuid (tar éis a riartha). “An bhfuil mórán talmhan aca?” –

"roinnt": ádhbhar: oiread ná gearánfadh duine ina thaobh lé toirt. Cuir roinnt bhídh ar an mbórd so, tá sé an-dhealbh: ádhbhar: cuid. Labhair níos aoirde leis, tá sé roinnt balbh: ádhbhar: cuibheasach. Cuir uisce sa bheathuisce tá sé roinnt láidir: mós láidir: láidir breis. Suidh agus bíodh roinnt chainnte againn ar an gcúrsa sara gcuiream rómhainn aon rud do dhéanamh: beagán éigin ar a luighead. Tá sé ag roinnt an té ortha: dhá riar: ag tabhairt coda dos gach duine. Is maith an rud do chuid do roinnt ar na boicht: do riar: do thabhairt dóibh ina shíntiúsaidhibh. Dia ag roinnt a ghrást ort: go dtugaidh Sé a ghrásta dhuit. Níl puinn fearamhlachta ag roinnt leis, ní fheaca riamh ag tacaidheacht leis an laige é: ag baint leis. Tá an diabhal 'sa mháthair den mbleaigeárdaidheacht ag roinnt leis: ann go daingean. Ní haon doicheall a bheadh ag roinnt leat liom indiu: ní hamhlaidh bheadh doicheall ort rómham. Bíonn bodhaire ag roinnt liom tamallacha .i. bíonn sí orm. Cad tá ag roinnt anois leat?: ag cur ort?: ghod shuathadh? Riamh ó shoin fágadh an talamh gan roinnt nuair nár réidhtigh na tríontaidhthe lé n-a chéile: gan stráicidhe deighilte do dhéanamh de. Tá beagán airgid agam ach ní lé roinnt é: lé tabhairt ina shíntiúsaidhibh do dhaoine. Réidhteóchaidh seisean eadraibh más féidir in ao'chor é, sás maith ranna seadh é: a cheart do thabhairt do chách. Scaradar is níor bh'aon díoghbháil dhóibh sin ní fhéadfaidís choidhche roinnt lé chéile: réidhteach. Nuair bhíonn an aimsir roinnt fuar bím millte ag dathacha: ádhbhar nó beagán. Fuilg ná uachtar nár iarraidh do lámh, tá sé ráidhte riamh go mbíonn an rath i ndiaidh an ranna: ádh ag baint lé smut ded chuid do thabhairt don té go mbeadh ceal air. Leath-únsa mír ronna an duine don dté: an méid atá meáidhte i dtómhas an chaonaidhe. Fuaireas gan roinnt an talamh: é go léir. Nuair bhíonn roinnt gach éinne mór dtímcheall as is geairrid lé dul é: an méid a bhíos ag dul dóibh fé leith. B'fhearr leis a chur ar crannaibh 'ná a roinnt: coda do dhéanamh de. Cuir roinnt mhaith chughat, níl puinn san méid sin: ádhbhar maith. Ó tá do lámh sa roinnt ná dearmhad me: ó táir ag riar: do lámh "istigh". Cad é mar shaghas oibre dhuit bheith ag roinnt do choda ar an ndúthaigh?: tiocfaidh an lá ort go mbeir dealbh is ná féachfaid siar ort: ag caitheamh do choda go neamhthuiseach. "Nuair is gainne an biadh seadh is fusa é do roinnt": ní mór an duadh a chuid féin do thabhairt dos gach éinne. Nár chuiridh Dia do lámh ó roinnt: gura buan thu as ucht tú do bheith chómh fial féd chuid. Fuairis-se do lán-roinnt agus mar sin níl aon chúis ghearáin agat: an méid go rabhais ina theideal. Féach! an roinntín do fuaireas-sa, an bhfuil aon náire ionta?: an chuid bhídeach mar chion. Cuir roinntín mhine tríd an bplúr is beidh an t-arán níos fearr: ádhbhairín: cuid bheag. Deineadh sé ranna comhthroma dhe: codacha. Dá siubhaltí cheithre ranna an domhain budh dheacair saighdiúiridhe chómh maith leó d'fhagháil: na cheithre leirgidhe móra a théigheas chun an domhain.

roinnim: *b.a. 7 n-a.* riaraim ar, deighlim, tugaim do, dáilim ar. Dá roinntí go comhthrom an méid a bhí ann, ní bheadh éinne ag gearán: codacha ionanna do dhéanamh .i. mar a chéile do bheith ges gach duinne. Is gortach an sprionnlóir é ná roinnfeadh lé duine bocht gan faic is a bhfuil aige féin: ná tabharfadh ádhbhar uaidh. Oiread is pingin níor roinn sé riamh ar na boicht: riar: níor thug dóibh. Á! mo náire thu, roinn liom: riar: tabhair cuid dom. Pé rud a roinn leis nó nár roinn leis ní sprionnlaitheacht croidhe í: a bhain leis. Is maith an chreach a roinneas .i. an chreach nó an rud go mbeadh cuid ges gach éinne dhe. Aon bhaint ní bheadh agam libh féin ná lé nbhur sluid, roinnidh eadraibh í: deinidh í do dheighilt ina codachaibh. Go roinnidh Dia an ghlóire leat: go leigidh Sé ort í. "Agus roinn

an eadáil i ndá chuid, idir an mhuinntir a ghlac ortha an cogadh, noch do chuaidh cath agus idir an cómhchruinniughadh uile": tabhair amach ina dhá chuid.

roinn-pháirteach: *a.* codach, idir bheirt nó breis. Táimíd, triúr againn, roinn-pháirteach san airgead: cuid de ag gach duine againn. Bíonn an pobal uile roinn-pháirteach in íodhbairt an Aifrinn: a chuid ag gach duine a bhíos láithreach. Ar Éirinn ní bheinn roinn-pháirteach leis in aon rud, mar ní réidhteóchaimís: ní bheinn in aon ghnóth leis go mbeadh lámhaidheacht ag beirt againn ann.

roinnte: *a.r.* deighilte, riartha, scartha ina chodaibh, dealuighthe. Sin a bhfuil agam díbh, tá deireadh roinnte: tugtha amach ina chodaibh. Leathscéal ná cúrsaidhe gearáin níl ag éinne agaibh anois, tá an t-iomlán cómh-roinnte eadraibh: riartha go comhthrom: a chion ceart ag gach duine. Ní bheinn roinnte leis air sin, chun a cheist féin do thabhairt do, tá cúis chainnte aige: ní bheinn in earrad leis. Níl na grásta roinnte go ró-fhlúirseach air: bronnta: tugtha do dá chuid féin.

róinteach: *a.* lán de róintibh; ag baint lé róintibh. Cuaiseanna róinteacha go gcloisfeá an glór is áidhbhéile uaigneas ionta: go dtuigfí dhuit gur gol daonna é.

róipín: *f.4.* téadán caol; séirsín. Lean den imtheacht atá fút is tá an róipín ag feitheamh leat: is é do chrochadh do déanfar.

roiseamhail: *a.* achrannach, earradach, dásachtach, meargánta. B'fheárrde thu gan bheith chómh roiseamhail, breith breágh fada bog réidh ar rud sara gcorrófá chun gnímh: meargánta: meardhána: neamhrothagach. Bhí an bhuidhean go léir an-roiseamhail nuair scaip an deoch fútha, níor bh'fhéidir a gciúnughadh, b'éigean an taobh amuigh do thabhairt dóibh: achrannach: mí-riaghalta. Tagann taomacha roiseamhla air, go mbíonn cubhar bán lé n-a bhéal is gurbh eagal leat do bheith in aon ghiorracht do: buileamhla. Is minicighe tigh tábhairne roiseamhail ná ciúin, síothchánta: trí chéile: tóin thar ceann.

roiseamhlacht: *b.3.* earradacht, achrannacht, mear-dhánaidheacht, buileamhlacht. Lé déidheannaighe bhí sé ag dul lé roiseamhlacht ar fad ar aon bheagán cúise, agus d'imthigheadh an ceann ar fad aige: buile: fionnach. Ní mór in ao'chor a bheadh caithte aige (ólachán), nuair bhriseann an roiseamhlacht thríd: taidhbhreófí achrann is earrad do. An roiseamhlacht a fhág amuigh é, dá mbeadh foidhne aige is gan tabhairt fén bhfarraige sin, bheadh sé beó indiu: mear-dhánaidheacht: mío-thapaidhean.

róisín: *f.4.* fola righin, a chruadhas leis an aer. Dath ómrach air. Bíonn lé fagháil i bhfurmhór planndaidhe. Baintear áis chun líomhnáin as, ar shreangaibh bheidhlín chun breis mhíne chur ionta, i leigheas, etc., céir. Anois atá an róisín fén dtrúmpa .i. ar aiste iongtach chun cainnte. Nuair bhíonn rithe seama fé dhuine deirtear, "tá a dhóthain don róisín fé": an teanga go líomhtha aige.

róisín: *b.4.* rós beag, focal ceana. "A róisín, ná bíodh brón ort, etc.": a grádh (Éire). Mo Róisín Dubh: Éire. Chuir sí róisín ina folt: an bhláth.

roisnín: *f.4.* fionn, ball sa tsúil. Baineann an roisnín dá háilneacht.

róistín: *f.4.* biadh (feóil, iasc) beirbhthe leis an dteine; feóil nó iasc friochta ar an meath. Tá do róistín agat .i. maircréal, griscínidhe nó a leithéid dhá ullumhaghadh chun bídh ar an bhfriochtán, etc.

roithleach: *f.1.* aon rud a bheadh imthighthe gan tairbhe; drabhfhuigheall; aon rud aiste olc; anatas. Budh thaithneamhach galánta an fear tamall é, níor bh'fhearr leat do shúil do leagadh ar éinne ná air go dtí gur imthigh sé ina roithleach leis an ól, anois budh chuma leat cé chidhfeá seachas é: chun na haindeise. Caith roithleach an bhúird chun na muc: an méid fughaligh a bhíos tar éis ithte. Mara dtugair cao ded bhrógaibh Domhnaigh, is gan bheith ghá gcaitheamh chómh minic déanfair roithleach díobh: millfir iad. Anois féach ar mo pháirc bhreágh choirce ina roithleach ag báistigh na seachtmhaine, sínte is ag geamhradh: í millte: imthighthe gan tairbhe. Má labhrair ró-dhána leis is amhlaidh a dhéanfair roithleach díot féin is ní bhfaghair faic: laitfir (millfir) pé dul a bhí agat ar aonnidh d'fhagháil. Éiligheann Sasana go ndeárna a harm roithleach d'arm na Gearmáine, gur bhriseadar is gur mhilleadar a dtreasa, a gcránta iarainn is a gcuid eiteallán: mion-bhrughain: scrios trom. Connus eile do bheadh aon dúthaigh go mbeadh airm ag troid go fíochmhar i gcoinnibh a chéile ann ach ina roithleach – curadóireacht pasálta, bailte réabtha etc.: scriosta: bánuighthe. Ghlanas amach mo phócaidhe bhí roithleach tobac is mar sin de, ar a dtóin: brúscar. Ná déin aon roithleach anois ded chuid bídh, ith i gceart é: ná déin laitimireacht, sceanfairt air.

roithleagán: *f.1.* aon rud cruinn ar nós rotha; casadh, iompódh, balla bogha báisín; meadhbhán. Ó bheith ag éisteacht leis an mbreilléis chainnte atá agat tá mo cheann ina roithleagán: brathaim é mar bheadh sé ag casadh tímcheall. Budh mhór an greann do bhainimís as bheith ag roithleáil roithleagán ar na bóithribh agus sinn óg: fonnsaidhe soithigh, seanfhoraidhe trucallach is a leithéididhe. Deineadh taidhbhreamh airéir dom, an-ait ar fad gan aon órd ag baint leis ach í go léir ina roithleagán: casta in achrann ar a chéile.

roithleáil: *b.3.* casadh tímcheall, liathradh. D'imthigh an gharbhóg chruinn ag roithleáil síos le fánaidh an chnuic lé fuinneamh: ag casadh 'sag léimrigh. Baineann an naoidheanán seódh an domhain as bheith ag roithleáil an bhréagáin ina láimh: ghá chur ag casadh tímcheall mar bheadh roth. D'imthigh mo chosa uaim ar an úrlár sleamhain agus cuireadh ag roithleáil me: ag casadh, ag iompódh 'sag imtheacht gan chosc agam orm féin. Pé rud a chuir ann é tá roithleáil fhiadhain im chloigeann indiu, táim i riocht tuiteam as mo sheasamh: gach rud a chidhim ag iompódh tímcheall, dar liom: meadhbhán.

roithleálaim: *b.a. 7 n-a.* casaim tímcheall, liathraim, cuirim ag casadh mar ceaisil ar a speara. Roithleáil an doras amach an drabhlach san, tá sí sa tslighe annsan: cas ar fhaobhar a tóna í. Ó bhí an soitheach ró-throm dúinn lé n-a iomchar do roithleálamair i gcoinnibh an aoird é go duaibhseamhail: d'iompuigheamair. Roithleálfair leis an bhfánaidh mara dtugair aire dhuit féin, tá an áit ró-sheasuightheach duit: imtheóchair tóin thar cheann. Roitheálfaidh an deoch the sin na putóga ionat: cuirfidh trí chéile.

roithleán: *f.1.* aon rud cruinn i bhfuirm rotha, fonnsa, tón soithigh, etc., cuir i gcás; meadhbhán, ruaille buaile; duine fústrach, ruathaire; mearbhall. Ar son a bhfuil marbh leat stad den gcainnt, tá mo cheann ina roithleán ag an ngleódh go léir atá agat: é mar bheadh ag casadh mórdtímcheall. Dhein sé roithleán díom ag imirt, níl aon chúig ná cleas do thairngim chugham ná go sáruigheadh sé me: dhein sé seódh bóthair díom: chuir sé an oiread san mearbhaill orm ná feadar cad budh cheart dom do dhéanamh. "A roithleáin! cad atáir ar thí a dhéanamh?" nuair bhíonn duine chun ruda díoghbhálaigh nó conntabharthaighe do dhéanamh .i. duine go mbíonn meargódh incheann air. Ó bheith ag feadghail 'sag béicigh fé dhein leanbhaidhe na sráide roithleán de, ceanglófí fear budh mhó ciall 'ná é: bhí sé ina sheódh bóthair aca. Cá bhfuil an té ná déineann an ceódh roithleán ar an bhfarraige dhe?: a mheabhair do chur chómh mór san trí chéile ná feadair sé ó thalamh an domhain cá mbíonn sé. Ní phósfadh éinne ina aois anois ach roithleán seanduine mar é .i. ná bíonn an fuaimeant ná an tuigsint cheart leis. Ná tóg aon cheann den roithleán san ná d'aonnidh dá n-abrann sé, níl a chiall féin aige ná ciall dhuine eile: duine neamh-stuidéartha. Nuair chonnac na billidhe móra airgid sa bhannc do cuireadh roithleán ar mo shúilibh, luaisceas ar mo chosaibh: spearbaill: shnáimh gach aon rud. Iomcharuigheadh na mná cannaidhe de leamhnacht bheirbhthe leó agus roithleáin éadaigh fútha ar a gceann chun meitheal na móna ar an gcnoc: éadach fillte i bhfeirm chruinn. Tóin ná ceann ní bhfuaireas den roithleán a bhí ar siubhal ann, ní fhéadfá aithneamhaint cé go raibh an ceart aige: dul trí chéile is achrann. Dhéininn roithleáin de chlúdach stáin mílseán is chuirinn ag liathradh ar an mbóthar iad: rudaidhe oireamhnach lé cur ar rith ar a bhfaobhar. Cuirtear roithleán ar fhearsaid go gcasfadh sreanng an túirne air chun na féirste do chasadh is do choimeád in ionannas: tromán. Cuireadh roithleán a ghlún as ionad: cealgán.

roithleánach: *a.* mearbhallach, mearbhamhail, go rothanaibh; fústrach, rúiseach, meadhbhánach. Faid agus bheidh aigne roithleánach mar sin agat, ag eiteall ó rud rud, ní dhéanfair aonnidh choidhche: rúiseach: neamhstuidéartha. Tá sé an-mhíoshásta ann féin na laetheanta so, tá sé an-roithleánach, uaireannta ní bhíonn a fhios aige cad bhíonn ar siubhal aige: neamh-stuidéartha. Ná bí trian chómh roithleánach is taoi, is déanfair do ghnóth i bhfad níos fearr: chómh huaiscneach: gan luighe leis an aigne chéadna ach seal beag: bheith ró-luaith-intinneach. Is roithleánach an t-ionad bheith ar bharr faille móire is an poll dubh-ghorm féd bhun síos, is maith an té ná crithfeadh roimis: meadhbhánach: méadhránach.

roithléith: *b.2.* (*iol.* roithléithidhe) cuairsce, rolla olna ar n-a chárdáil chun a shníomhtha, aon rud go mbeadh cuma shuarach, mheathluighthe air; fuairthéidh duine; duine gan chrích gan tathnag. Toisc na haoise atá aice tá sí ar nós an roithléith, lag fann: mar bheadh gan bheith innte ach an scáth: chómh furaiste do mhilleadh nó do tharrac ó chéile lé holain. Ag caitheamh leis ar nós an roithléith, go bráth airís ní bheidh aon mhaith ann: tanaidhe, gan fuil na feóil. Níl acfuinn ná brigh im ghéagaibh tar éis an taoma san, ach díreach ar nós an roithléith: lag, fann, gan achmaoin. Dhéanfaimís roithléithidhe aon lá díobh ar pháirc na himeartha .i. pé rud budh mhaith liom: iad do stolladh as a chéile. Ní fhásfadh ar an ndroch-thalamh san ach roithléith cruithneachta, níl an fód air: saghas gan suiméar, gan tairbhe. An dóigh leat-sa, a fhir mhaith, go raghfainn-se i gcleamhnas lé

roithléith mar é sin: an fhuil uasal atá ionam-sa do mheascadh lé scraiste ar a nós san. Ní coirce is mó bheith sa phaiste talmhan san agat ach roithléith: saghas fiadhaile go mbíonn bláth ghorm-chorcra air. Budh chuibhe go mór rud éigin do thabhairt lé n-itheadh don roithléith bocht 'ná bheith ag cleith-mhagadh fé: duine droch-chrotach.

roithleo-ró(dh): *f.1.* glór sa cheann a ghníos stalca de dhuine. An buille a fuaireas i gcródh an chinn chuir sé roithleo-ró(dh) orm go rabhas ag casadh tímcheall mar caora go mbeadh an galar cam uirthi. An tobac atá ar siubhal anois tá sé chómh marbhthach san nách mór agus go gcuirfeadh sé roithleo-ró(dh) ort: tinneas is glór a chuirfeadh meadhbhán ar dhuine.

rolla: *f.4.* cuairsce, aon rud i bhfeirm chruinn, cornán, ceirtlín; cliath, meamram, cáipéis. An chéad lá chuadhas ar scoil níor cuireadh m'ainm ar an rolla: ameasc ainmeach na scoláiridhe eile i leabhar áirighthe ina chóir sin. Nuair budh shaoire do bhíodh tobac 'ná tá sé anois bhíodh sé ina rollaidhibh mhóra throma: cuaillidhe móra, fada, casta ar a chéile i bhfeirm rotha. Is cuimhin liom lá is me beag bíognach i dtigh cúirte gur scannruigh na rollaidhe a bhí dhá iomchar ges na dligheadóiridhibh me: beartáin meamraim fillte ar a chéile i bhfeirm chruinn. Ná bíodh aon eagla ort ná go bhfaghair do chion is do cheart ó tá t'ainm ar an rolla: ar an meamram a coimeádtar i gcóir an ghnótha san. Fuaireadh an t-atúrnae cionntach i ndí-chúis éigin is scriosadh a ainm den rolla: dí-theidealuigheadh é ar chleachtadh. Rollaidhe (aráin) .i. arán bácálta i bhfeirm cornáin. Rollaidhe éadaigh lé hanamann na marbh ann: go leór beart fillte ar a chéile mar bheadh snaithín ar cheirtlín. Rolla billidhe: nótaidhe airgid fillte ar a chéile i ndéanamh cornáin nó cuairsce.

rolla-bogha-báisín: *f.4.* ruaille buaille, meadhbhán is mearbhall sa cheann, casadh ró-mhear. Tháinig cóch obann gaoithe ar an mbád is dhein sé rolla-bogha-báisín borb den mbád annsúd ar ucht na mara: chuir ag casadh í go dtaidhbhseóchadh sí dhuit mar roth. Faic dár chuala ná dár thárla airéir níl lá dá chuimhne agam tá mo cheann ina rolla-bogha-báisín: gach aon rud, dar liom, ag casadh mór dtímcheall istigh: meadhrán is meadhbhán uathbhásach. Shleamhnuigh sé, is d'imthigh rolla-bogha-báisín lé faill gur bhuail cladach ina throist mharbh: tóin ar ceann ag imtheacht mar bheadh roth. Déin rolla-bogha-báisín den ndaradha: cas ar a chéile ina ceirtlín. Rolla-bogha-báisín páipéir, cadáis, olna, olna chadáis, éadaigh, etc. Leag do shúil air seo, féach an bhféadfá aon chóngamh do thabhairt dom, táim im rolla-bogha-báisín ag an gceist seo: suaidhte, ná feadar connus í do réidhteach.

rolladh: *f.* (*-lltha*) do chasadh ar a chéile i bhfeirm ceirtlín, liathróide nó cuairsce, do liathradh, etc., do chasadh mar roth ag iompódh. An stoirm ag rolladh na gcloch síos suas ar an gcladach go mbodharfadh a dtorann thu: ghá gcasadh ghá n-iompódh is ghá liathradh. Ná cuirfeadh na tonnaidheacha ag síor-rolladh isteach ón mbóchna fé dhéin na talmhan ag machtnamh thu: ag gluaiseacht rómpa. Bhíodh sé ina cheann go ndéanfadh sé rolladh na hintleachta ná stadfadh choidhche de rolladh: do shíor-iompódh.

rollaim: *b.a.* casaim, fillim ar a chéile, iompuighim. Rollas ar a chéile a raibh ceannuighthe sa tsiopa agam in aon bheartán amháin d'fhonn agus iad do bheith níos

áiseamhla: chasas is d'fhilleas. Rolladh an féar ar a chéile i gcóir cócaidhe do dhéanamh de: bailigheadh ina chnocánaibh é. Roll ar a chéile do chuid airgid go gasta, ná bíodh sé chómh neamh-chríochnamhail sin ar iomchar agat nó caillfir é: fill go cúramach ina dheascán é.

rollamán: *f.1.* cornán, cuairsce, ceirtlín, deascán, aon rud cruinn, toirteamhail. Rollamán neamh-anamamhail chun imeartha é, níl aon ghnóth againn ach de scafairidhibh luaimneacha: duine mór-chuirp. Ní fada ná go mbeadh im rollamán lé feóil mara gcaoluighim ar an mbiadh, is ná beidh ionam corruighe: im cheaist bhorrtha, aindeis. Dhein síor-chorruighe na taoide rollaméin de chlochaibh an chladaigh: thug déanamh cruinn, dlúith, teann ortha.

rómhánach: (**rómhach**) *a.* Creidim san naomh-eaglais Chaitliocaidhe Rómhánach etc.: an eaglais gurb é an Pápa a ceann soi-fheicse ar an dtalamh so.

rómhánach: *f.1.* duine do saoghaluigheadh sa Róimh, nó a chlaoidheas leis an naomh-eaglais, pápaire. Nuair théighir 'on Róimh bí id rómhánach leó: in áit iasachta nó ameasc daoine iasachta, cleacht a gcuid béas is nós.

rómhar: *f.1.* talmhan do bhriseadh nó do thóch lé ráinn etc.; do bhaint, do chur (talamh); barra dearg do thabhairt ar bhán; ag gluaiseacht (trí uisce) go neamh-sheólta. Caithfir an chlais seo d'ath-rómhar níl do dhóthain cré ar an iomaire: a thuilleadh cré do bhaint innte. Ní fiú na prátaidhe do rómhar fós, tá sé ró-luath san mbliadhain: do bhaint: do scaramhaint leis an gcré lé rainn nó úirlis eile. Ní maith liom in ao'chor an tslighe atá an bád so ag rómhar roimpe, tá sí ag déanamh breis uisce: ag tóch, ag sáthadh fén bhfarraige in ionad éirghe os a cionn. Lé holcas a chroidhe níl sé ábalta ar rómhar ná ar bhaint: i ndán áis do bhaint as rainn, piocóid, etc., ná speil. Fadó bhíodh ar na daoinibh na clasacha do rómhar, anois tagaid níos saoráidighe ortha, déinid a dtreabhadh: do bhriseadh lé rainn. Riamh, riamh táim ag rómhar 'sag grafadh, ag briseadh na cré lé rainn is ag baint an chroicinn den dtalamh .i. ag síor-shaothar. "Is mór an rómhar a leath", adeirtear lé rud go dtuigtear go mbíonn áidbhéis ag baint leis. Ag rómhar cloch. "A Shéamais, déin dom féinig arm na bhfód/ Sciúrise gléasta dhéanfas grafadh gur rómhar etc." a iompóchaidh croiceann na talmhan is a bhrisfidh an chré. "Gan fearann ná féasta, fé mar charadar/ Tréith fá léan ag grafadh is ag rómhar" .i. ag déanamh gach aon tsaghas oibre is táire.

rómhartha: *a.r.* bainte as an dtalamh, briste lé rainn. Budh bhreágh an radhairc na prátaidhe rómhartha ó cheann ceann an gharradha: cóirighthe lé chéile go gasta ar na hiomairidhibh tréis a scaramhaint leis an gcré. Talamh rómhartha seadh é, is ní talamh treabhtha: deargtha lé rainn. Sin iad anois na bláthanna rómhartha ag an gcráin: tóchta laitighthe lé n-a sróin. Ní fiú faic an áit cheadna, tá sé uile go léir rómhartha ag coinínidhibh: rapacha déanta aca ann. Dá mbeadh rómhartha isteach fén bhfaill b'fhéidir go ndéanfí tobar ann, tá dúilidheacht an uisce ann: an chré, clocha, gairbhéal etc. aistrighthe as lé piocóid, rainn nó eile. Tar éis an chatha ní raibh aon oidhre ar an gceanntar ach talamh rómhartha .i. mar bheadh sé deargtha i ndáiríribh lé rainn nó céachda. Nách moch atáir rómhartha amach as an dtigh aca?: curtha id shuidhe agus chun oibre, siubhail etc.

romhlás: *f.1.* iomchar géibirneach. Choidhche ní taidhbhreófí dho cad é an meas a bheadh ag an bhfear thall ar a iomchar ach scaoileadh lé n-a rómhlás gan smacht ná cosc aige air féin: fiadhain, ragairneach: mí-iomchar. Chuir an lucht ceannais iachall ortha an áit d'iadhamh toisc an romhláis a bheadh ar siubhal ann maidir lé himirt, olachán is ragairne: iomchar mío-chuibhe: scléip thar teórainn.

rómhraim: *b.a.* bainim lé rainn, bainim as phréachaibh, saothruighim. Siúd é a rómharfadh is d'fhuirseadh .i. sclábhaidhe maith é. Chómh leisceamhail sin ná rómharfadh sé leabaidh phrátaidhe dá mbeadh ag fagháil bháis leis an ocras .i. imthighthe chun anatais lé leisce. Rómharfainn, threabhfainn, d'fhuirsfinn is chuirfinn duit .i. dhéanfainn an uile nidh chun do chothuighthe. Ní fheadar cad deirim lé n-a seóladh ach níl aon bhaoghal ná go rómharfadh sí: go ngeóbhfadh sí tríd an bhfarraige go neamh-éascaidh. Má rómhfair fén bhfalla tuitfidh sé: má thóchair fé: má bhainir an t-íochtar uaidh lé rainn nó eile.

rón: *f.1.* ainmhidhe mara, dá-bheathach a mhaireas ar iasc agus a thugas deól dá n-ógaibh; duine an-bheathuighthe, coimhtheach nó a imthigheas gan puinn suime ag éinne ann. An cheailis, tá sé ina rón lé feóil: lán de shaill. Dulóg róin: poll, gnáthóg. Éan róin: an rón óg. Casóg, bheast, etc., croicinn róin .i. déanta de. Maitheas bainne cích an róin go ndéinidh sé dhuit .i. an-mhaitheas. Ógánaigh an cheanntair ag pósadh gan neach fágtha ach na róinte: iad so ná tógann éinne aon cheann díobh. Is ionann iad is scata rón, gan mheas gan bhéas: bathalaigh thútacha. Sinne róinte na cuideachtan so: an dream ná cuirtear spéis ionta. Ronnach, rotha is rón na trí héisc is mó siubhal sa bhfarraige. Tá sé cómh sleamhain mín-chroicinn lé rón: chómh mín lé síoda. Bainirseach róin .i. an ceann baineann. Tá mo cheann chómh hatuighthe lé ceann róin ó bheith ag gabháil orm: borrtha. Féach an ceann róin atá air: ceann beathuighthe, sleamhain. Leas-ainm ar fhear íseal téagartha, "an rón".

rón: *f.1.* ruaimneach. Seanduine a dheineadh saoistínidhe róin: suidheacháin chruinne de ruaimnigh. Léine róin .i. déanta de ruaimnigh nó clúimh ainmhidhe. Bróga, cáiteach (bairlín) róin. Tarbh róin: an ceann fireann. Oisín (róin): an rón óg tar éis a bhearta dho. Gol róin .i. an bhúithreach uaigneach do ghníd.

ronga: (**runga**) *f.4.* treasnán nó céim dréimire; an blúire adhmaid a cheanglas cosa cathaorach dá chéile. Is fada a thriall fós ní h-aon ronga amháin a bhíos i ndréimire: céim: lé dian-obair is claoidheachtaint lé rud a éirigheas lé duine. Congaibheadh sé a ghreim tá a chos ar an gcéad ronga aige: tosnuighthe go maith.

ronn: *f.3.* (*iol.* ronnaidhe) priosla, sruma seile, sreanng. An aois is gan fiacal ina cheann, na ronnaidhe ar sileadh anuas: prioslaidhe seile. Bhuail cruinn díreach isteach sa fiaclaibh me gur scaoil na ronnaidhe fola liom: fuil ag teacht ina longaidhibh liom.

rop: *f.3.* sáthadh, dingeadh, súnc, pleannc, gluaiseacht mhear, obann. Cá bhfuil an ruathaire sin ag dul go bhfuil an rop siubhail fé, ní mór go bhfuil cos leis ag bualadh ar an dtalamh: gluaiseacht dhian. Tugtar ronn seóil don mbád: cuirtear oiread anairte uirthi

agus iomcharóchaidh sí. Dá bhfaghadh sé ronn sa heasnaidheachaibh b'fhéidir go n-éisteóchadh: dingeadh cruaidh mar gheóbhadh ó uilinn. Bhí sí ag déanamh orainn aniar ón bhfarraige fé ronn seóil: fé theannadh seól lán de ghaoith. De ronn coisidheachta níor stad sé den stair sin go ndeachaidh sé fiche míle ó bhaile: den dian-ruathar. Sáruigheadh an gadaidhe sa ronn do thug sé fén ndoras: an seáp nó sciúird obann chun na gcos do bhreith leis. Tá rian treasna a mhuiníl mar a bhfuair sé ronn scine: riasta a deineadh lé foghadh scine. Tabhair ronn dho: buail go cruaidh é lé rud éigin go mbíonn barra géar air.

rópa: *f.4.* córda an-reamhar, sreannganna nó ascartach lín, cnáibe etc. fighte casta i dtímcheall a chéile; déantús téide as chasadh nó filleadh; súgán: téadán. Níl aon rud oireamhnach do ach an rópa, tá sé ar an mbleaigeárd is mó a bhuail fós liom .i. é do chrochadh: an chnáib do chur fé. Eolas na rópaidhe tímcheall na cathrach aige: sár-fhios aige cá ngeóbhadh sé is cad dhéanfadh sé. Tabhair rópa a dhóthain do is crochfaidh sé é féin: duine a bhíos amadántamhail ceanndáine, is baoghalach go ndéineann a dhíoghbháil féin i ndeireadh dála. An bainne chómh righin go bhfuil sé ina rópaidhibh: ag leanamhaint a chéile mar sreanng. Níl deireadh fós agam, tá rópaidhe eile lé gabháil tríotha agam: a thuilleadh rud nách mór dom a n-eólas do bheith agam. Tabhair an rópa don mhadra, ní fiú faic é: croch é. É do cheangal lé rópa budh chóir: greim do chur air go gcaithfeadh sé stad dá bheartaibh láithreach. Cuir id rópa é: árduigh leat é.

ropach: *a.* borb, fiadhain, stollach, scriostach. Cé sheasóchadh amuigh indiu lá ropach mar é, go séidfí den dtalamh nách mór é: go bhfuil fiadhantas ann. Gala ropach a tháinig uirthi siar idir thu is Baile Sheáin a dhein géiridheacha dá cuid anairte is a bhris a cuid slat: scriostach, stolltach. Nuair bhíonn deoch sa cheann aige, bíonn sé ropach: buileamhail: dásachtach.

ropach: *f.1.* fogha nó ionnsaidhe obann; roithleach, scrios. Mara gcoisctear an Almáin san Rúis níos fearr 'ná mar tá dhá dhéanamh déanfaidh sí ropach: léirscrios. Dhein an fharraige ropach ar an gcéidh, d'árduigh sí chun siubhail bluic mhóra barrachta go raibh oiread is meádhachtaint aon tsórta ionta: réabadh is scrios. Mara bhféadaim a cheannsughadh ar shlighe éigin déanfaidh sé ropach orm: déanfaidh mórán díthe dhom. B'éigean é do cheangal, Dia idir sinn agus an t-olc, tháinig an ropach san feirge air: buile áidhbhéil. Déanfair ropach ar an gcneadh leis an mbiorán san mara leigir di: sceanfairt a dhéanfas díoghbháil mhór duit. Déanfaidh sé ropach ar an mbiadh mara dtógtar uaidh é, tá goile chómh mór san aige: íosfadh sé an t-aimeón de. Aon uair a gheibhtear áit trí chéile, cill tuathail, in aimhréidh nó in achrann deirtear, "tá sé ina ropach": gach aon rud san áit as órdughadh. Déineann trom-chánacha ropach ar aon dúthaigh: milleadh. Is mór an ropach ar airgead ocht míle púnt do chaitheamh i dhá bhliadhain: scrios.

ropach: *f.1.* leirg thalmhan go mbíonn coinigéir choinínidhe go flúirseach ann, daingean. Níl faic san áit ach ropacha coinínidhe: puill fé thalamh: daingnighthe. Is iomdha ropach ag an mbitheamhnach úd, níl sé chómh furaiste sin ar fad teacht suas leis: pruaiseanna: áiteanna daingne: gnáthóga gur deacair ainmhidhe do mhúscailt asta. I gcathrachaibh ar fuaid na hEóraipe, tá ropacha dhá dhéanamh chun daoine do dhul ar teicheadh ionta ó fogha aoir: dídin.

ropadh: *f.* (*-ptha*) sáthadh fuinneamhail ar aghaidh; dingeadh, péacadh; ionnsaidhe. Chonnac ag ropadh isteach go tigh tábhairne é, ar eagla go bhfeictí é: ag sáthadh: ag gluaiseacht go mear. Fuair sé ropadh den sciain i mbun an bhuilg go dtáinig na putóga amach: sáthadh tapaidh, mear. Nuair casadh leis ná raibh a chuid fiach díolta aige ní dheárna sé ach a lámh do ropadh ina phóca, an t-airgead do tharrac amach is "íocaim" do rádh: do chur lé fuinneamh isteach ann. Tugadh ropadh do sciain sa cheathramhain dom go ndeachaidh sí trí hórdla tríd an bhfeóil: súnc obann, fuinneamhail. Ná bíodh aon chuimhneamh agaibh ar ropadh amach sa bhfarraige fhiadhain sin: eitim do thabhairt fé. Tar éis roptha dos na saighdiúiridhibh tríd an ndúthaigh ní raibh faic ina ndiaidh ach roithleach: gabháil tríthe go fiochmhar gan géilleadh d'aonnidh. Thug sé seal d'iarraidh a chinn do ropadh eadrainn: do chur: eadrán do dhéanamh: bheith ronn-pháirteach in ár gcómhrádh, aighneas, etc. Nách neambéasach na daoine atá ar an sráidbhaile seo, iad go léir ag ropadh a gcinn 'on doras nuair gheibheann duine iasachta an treó: ghá chur amach go deifreach. Chonnac ag ropadh chugham aníos an tsráid gasra shaighdiúiridhe, is gan cuma ró-mhín ar éinne aca: ag teacht go fuadrach chómh tapaidh is d'fhéadfaidís. Cad í an chúis atá agat orm-sa go mbír ag ropadh chugham gan aon mhoill gach aon uair do gheibhir an chao?: ghom ionnsaidhe. Fíor-bheagán cúise a chuirfeadh ag ropadh chun a chéile an bheirt nimhneach san: ag achrann lé chéile. Ag ropadh an doras amach do bhí sé is an tsluid fé n-a oscail aige nuair gabhadh é: ag dul fé n-a dhéin lé seáp: ag tabhairt fogha fé. Ropadh gaoithe adtuaidh isteach idir an dá oileán a thógas farraige nimhneach: séideadh láidir. Ag ropadh na ndaoine bheadh sé dá bhféadadh sé é: ag cur scine ionta. Fuair an t-aindeiseóir ropadh trom an uair do bhris an fear na bannaidhe air: buaileadh bob sprionnlaithe air gur dhíol sé go cruaidh as. Ní fhéadfadh sé gan a cheann do ropadh sa scéal (eadraibh etc.): do chur gan iarraidh. Ag ropadh na saighdiúiridhe go hucht chun chogaidh chun an ionnsaidhthe do chothughadh: ghá gcur ann go lán-dheithneasach. Lé bliadhantaibh geairride tá sé ag ropadh chun cinn go maith: ag dul ar aghaidh go tapaidh. Bí ag ropadh leat, níl neach ag cur aon chruisteach ort: ag leanamhaint ort chómh mear agus is féidir. "An ropadh eile chugham-sa é seo?": súnc: tagairt bhascuightheach. Ag ropadh a mhaide thall 'sabhfus d'iarraidh an chasáin do mheabhrughadh a bhíonn an dall bocht: ag sáthadh is ag bualadh. Budh gheairrid an mhoill ar an dtóiteán ropadh tríd an dtigh: gabháil tríd go tapaidh, nimhneach. Cuireadh trí ropadh ina bholg agus ceann ina ucht: tolladh nó gonadh lé húirlis ghéir. Thug an tarbh ropadh don mbuin: léim dhártha. Geallaim nách fada bheidh an fheóil anois ar an ropadh teineadh atá fúithi: teine ghéar, the. An dochtúir ag ropadh na cneádha le lannsa: ghá priocadh.

rópadóir: *f.3.* déantóir téad is rópaidhe.

ropadóir: *f.3.* cladhaire, bitheamhnach, duine a sháidhfeadh. Iontaoibh leath-phingne níor cheart do thabhairt leis an ropadóir sin, is é bitheamhnach is mó idir uisce is ghrian é: cladhaire ceart: anchúinse. A ropadóir cá bhfuilir ag imtheacht lém chuid airgid?: a ghadaidhe, a dhíolamhnaigh. Níl aon choir ná go ndéanfadh an ropadóir sin: anchúinse críochnuighthe.

ropáil: *b.3.* scaipeadh, réabadh, ionfartáil, ionnramháil olc. Faid is fuairtheas ón dtigh me tháinig duine nó dream éigin a dhein ropáil ar a raibh d'éadaighibh ann: gabháil tríotha is a gcaitheamh ina gcúilín cnámh amháin. Ná déin aon ropáil ar na páipéaraibh sin ar eagla

go raghadh aon chuid aca amudha orm: cur trí chéile: ionfairt mí-cheart do dhéanamh ortha. Níl aon rud go gcuireann sé a lámh ann ná go ndéineann a ropáil, ní bhfaghfá faic ina ionad féin ina dhiaidh: ná go scaipeann soir siar.

ropaim: *b.a. 7 n-a.* sáthaim (fé), tugaim fogha fé, gluaisim go mear, péacaim, ionnsaidhim, sciobaim; léimim, lingim, sciúirdim. Gan chúis gan adhbhar do rop sé chugham gan aon chuimhneamh ó neamh agam air: sháidh sé chugham: d'ionnsaidh me. Rop fé isteach: druid go dlúth ós íseal leis is ionnsaidh é: ísligh chun comhthruim d'fhagháil ar ualach. Rop síos an deoch air: cuir ina choinnibh sa leabhar í. Rop an tarbh ar bhó .i. thug léim dhártha di. Ropadh cheithre huaire lé beaignit me san ionnsaidhe gcéadna: cuireadh cheithre créachta beaignite ionam. Ropaimís isteach faid is bheidh a dhrom linn: tugaimís seáp obann. Dá ropfá é ní thiocfadh braon fola as lé naire: dá gcuirtheá créacht ina chuid feóla lé harm géar mar rinn scine nó cloidhimh. Roptar gach aon rud i mullach an chinn orm-sa bím cionntach nó saor air: buailtear go daingean. Rop an t-airgead san id phóca sara bhfeicidh éinne é: sáidh go tapaidh ann é. Mara bhfuil fonn air é do thabhairt uaidh ropadh sé ina thóin é: sáthadh: cuireadh ann le neart is deabhadh é. Gan aon rian eagla do rop sé tríd an lasair d'iarraidh duine do shaoradh: thug sé ruathar obann. Níl bréag ná scéal a bhíos ag imtheacht ná go roptar sa cheann orm-sa: go gcaithtear gan bac lé comhthrom ná truagh. Ropfaidís a chéile! ná bíodh aon eagla ort go gcabharfaidís lé chéile chughat: chuirfidís na sceana ina chéile. Ropas den sciain í, is thairngeas a cuid fola: ghearras doimhin í: thollas í. Rop (síos) an biadh (ar an dteine), táim silte leis an ocras: buail síos go géar, láidir é. Ropadh fiche ceist in aonfheacht orm d'iarraidh me do mhearughadh: rúscadh orm: teilgeadh orm. Rop do lámh id phóca is caith pingin chun na mná boichte sin: sáidh go mear í ann. Rop sé isteach 'on bhruighin is b'fhearra dho ná déanfadh, briseadh a shrón: phreab sé go dána. Táir ag déanamh go fíor-mhaith, rop leat: lean ar t'aghaidh go fuadrach. Ag imirt na gcártaidhe do ropadh leis an ndigh me: buadhadh orm is cuireadh isteach lé díol aiste me. Ropaimís fé amach faid bheidh an ciúnas againn: tugaimís fé go luath, mear. Rop sé chun an bhídh gan aon mhoill: do chrom ar a itheadh chómh mear is d'fhéadfadh. An phreab do baineadh as nuair ropadh lé biorán é: tugadh barra-phriocadh dho. Ropaimís sall thar bealach ar an oileán é: tugaimís eitim leis: gluaisimís linn go mear leis nó téighimís de sciúird treasna.

ropaire: *f.4.* cladhaire, feallaire ar iontaoibh, bitheamhnach, coirptheach, gadaidhe. Baile lán de ropairidhibh siopadóiridhe go bhfuil a dhá luach aca ar gach earra: cladhairidhe: siopadóiridhe ná fuil ionraic. Ropaire cait ná fágfadh faic fé chloich ná go mbeadh aige: sladaidhe. Ropaire capaill a chuirfeadh stailc suas a luaithe is taidhbhreófí dho é: cleasaidhe. Níor chuir éinne ó chrích riamh an cailín ach ropaire ceart: cealgaire: duine ná beadh aon choir olc a dhóthain do. I gcoim oidhche tháinig ropaire éigin is d'árduigh leis a raibh sa tigh gan glas: bitheamhnach. Cár imthigh an ropaire garsúin sin? ní leóimhte dhom a leigeant as mo radharc ach go mbeidh cleasa éigin dhá thaidhbhreamh do (gan masla): cladhaire cleasaidhe. Is mór an ropaire thu – ó, tá gáiridhe agat – is mo dheoch d'ól: an cladhaire. Ropaire mná dá ndíreóchadh a teanga ort nár bh'fhearrde thu go ceann bliadhna: báirseóir, bean nimhneach, droich-ídeach. A ropaire an ghaid (an chórda) mara leasuighir do bheatha is eól duit cad é an bás atá i ndán duit: crochaire. Ropairidhe clainne ná déanfadh lán mo bhaise orm: cladhairidhe díomhaoine. Nách é an ropaire é is bheith ag ól toitínidhe is é chómh hóg: cladhaire beag. Is fada id ropaire thu, gan

iontaoibh ag éinne asat: duine a fheallfadh gan chúis. Ní dhéanfadh sé ropaire dhíot rud do ghoid uaidh siúd, mar is ag goid atá sé féin riamh ós na daoinibh: droch-dhuine. Is mór an ropaire thu ná leigeann dos na cailínidhibh: cladhaire: cluainire.

ropaireacht: *b.3.* cladhaireacht, gadaidheacht, feallaireacht, mío-mhacántacht. An chroch féin ní bhainfeadh an ropaireacht as a bholg súd .i. tá an chealgaireacht ceangailte go doimhin ann. Ná bí ró-dheimhnightheach in ao'chor de, ní fheadraís cad é an ropaireacht a bheadh dhá thaidhbhreamh do: feallaireacht: camasghail i leith macántachta. Ar feadh na huaire gur shaoil gach éinne go raibh sé díreach macánta bhí an ropaireacht ar siubhal aige agus é ag scéitheachtaint ar an ndream a chuir a muinghin as: an feall: camasghail: an dá thaobh dhá bhreith leis aige. Dá gcaithfeá do shaoghal agus do shláinte d'iarraidh teacht suas leis d'éalóchadh sé ort lé n-a chuid ropaireachta: an chladhaireacht ghlic a chuirfeadh an dubh ina gheal ar dhuine.

ropanta: *a. n-dh.* fíochmhar, dásachtach. B'fhusaide dho dhuine leigeant do féinig is fanacht uaidh, tá mianach ropanta ann: dásachtach: fíochmhar. B'fhearrde é dá mb'áil leis gan tabhairt fé rud chómh ropanta téigheann sé ró-fhada ar an scéal go minic: chómh fíochmhar, neamhfhoidhneach. Ná bí chómh ropanta san leis na daoinibh, b'fhéidir ná glacfí uait i gcómhnaidhe an mháighistireacht so: mursanta, beag-mheas ortha.

ropantacht: *b.3.* dásacht, fíochmhaireacht, mursantacht, ceannasaidheacht dhian. A ropantacht féin a chaill é, dá bhfanadh sé ciúin mar budh cheart do is gan a cheann do chur in áit nár theastuigh sé ní bheadh baoghal air: an iomad claoine lé headrán. Ná déanfadh cainnt dheas, mhín do thabhairt dos na daoinibh thu, is gan bac lé leath na ropantachta so: fíochmhaireacht. Nách dóigh leat ná gur mór go léir an ropantacht duit gan aire do thabhairt dod ghnóth féin is daoine eile do leigeant thart: eadrán deiliúsach.

roptha: *a.r.* sáidhte, curtha lé fuinneamh, gonta lé harm géar, ceangailte, curtha mar ualach ar, etc. Táim roptha lé fiche púnt aca as an gcluiche sin: i bponnc go gcaithfead a íoc. Tá sé roptha isteach 'on charcar lé bliadhain anois: sáidhte isteach. Táim roptha sa bholg: sáidhte, gonta, créachtuighthe lé harm géar éigin. Ní túisce a bhí a lámh roptha chun an ghunna aige ná buaileadh é: sínte go mear, tapaidh. Tá an creatlach luinge chómh roptha san síos 'on ghainimh ná corrófar choidhche as é: sáidhte, ceangailte. Sara raibh a fhios faic agam bhí triúr nó ceathrar aca roptha chugham is me cuibhrighthe aca: tagtha lé fogha obann orm. Dá mbeadh an síol roptha 'on talamh budh mhór an faoiseamh é: sáidhte: é go léir curtha le deithneas.

ros: *f.1.* síol mín, síol an lín. Cuir ceiridhe de mhin ruis leis an gcois tinn sin, is maith é, tairngeóchaidh sí: an dlúimh chochall íleamhail a bhíos tar éis brúighte an tsil chun na híle do tharrac; san do chur lé rud mar cheiridhe. Íle ruis. Cáca ruis. Ros lín: an síol.

ros: *f.1.* coill, láthair roilige etc. Galla-ros .i. ros na nGall: ainm áite. Teampall Ghalla-ruis .i. roileige na ngall.

rós: *f.1.* an bhláth. A leicne ar dhath an róis .i. go sciamhach. Budh dheirge a gruadh ná an rós .i. luisne áluinn ina ceannaghthaibh. "A róis diamhair, guidh orainn": ainm don Mhaighdin Mhuire. A folt budh chumhra 'ná an rós .i. go raibh boladh breágh uaidh.

rosc: *f.1.* óráid mhúscalta. Rosc catha na Mumhan: dán chun na ndaoine do ghríosadh chun catha. Amhrán na bhFiann ár rosc catha-na.

rosc: *f.1.* an tsúil, radharc nó mogall na súl. A rosca gorma, glana gan smúit: a súile fíorghorm, glé. Ní hannamh í rosc-fhliuch lé brón: ag gol dá súilibh. Mheallfadh a claon-rosc san na mílte: súil go mbeadh cuireadh innte. Chuir sé rinn a ruisc innte: d'fhéach sé go géar, cruinn uirthi. "An tsidhe bhean mhilis mhall-ruisc de threabhachaibh chearta an cheanntair, etc." .i. na súl a leanfadh d'fhéachaint ar feadh i bhfad. Fear aon-ruisc ná déarfá gur dheacair do do bheith ina ghabha mhaith: aon tsúl. Innis dom cad éalóchadh ó n-a rinn-rosc súd: súil lán-ghéar: a thugas fé ndeara an uile rud. Dar liom go bhfeaca sé le n-a rinn-rosc an uile rud a bhí ar siubhal im aigne: súil scrúduightheach, ghéar. "A claon-ruisc ar aon dath lé drúcht bhí, etc.": súile imeartha: súile a bhí ceapuighthe chun suirghe is imeartha fear. Go n-imtheóchadh an rosc as mo shúil d'aithneóchainn in aon áit ar thalamh an domhain é: an radharc. An mac imrisc 'om ruisc?: an ball i lár na súl. Tá tormeasc ina mac imrisc .i. dhéanfadh radharc a súl buadhairt i measc fear.

rosc-: *i gcfbh.* súil-, súlach, súldha. B'ait liom an breac rosc-dhubh so is foraidhe bána ortha: súil-dhubh. Ná tuig go bhféadfair aon rosc-dhalladh do dhéanamh orm-sa léd chuid cleas .i. go gcaochfair mo shúile: dallamallóg do dhéanamh orm: me do chur amudha.

rósta: *a.* bruithte lé teas teineadh gan uisce. Prátaidhe rósta .i. prátaidhe a bhruithtear fén ngríosaigh nó ar fhriochtán. Is deacair neart ná tathnag do bheith ann gan aige ach an praitín rósta: práta beag a cuirfí fén luath nó fén ngríosaigh i gcuinne na teineadh, nár bh'fhiú do chur in uisce lé n-a luighead .i. gann-chuid. Tá neart ina ghéagaibh is ní hiongadh dho, cá ngeóbhadh an fheóil rósta?: feóil bruithte mar sin .i. togha bídh. Beidh cosa rósta agat mara bhfanair siar ón dteine: dóighte. Cá mbeidh an fheóil rósta sa tigh sin agat, má phósair ann? .i. an chuid is fearr den mbiadh. Póire rósta .i. a cuirtear cois an teasa go mbíonn in-ithte.

rósta: *f.4.* feóil bruithte lé teas gan uisce; biadh maith. Dá bhfaghadh sé rósta ní bheadh sé sásta .i. dá fheabhas biadh gheóbhadh sé. Beidh rósta ar an mbainis sin anocht, b'fhiú dho éinne cuireadh do bheith aige dul ann: gach aon rud dá fheabhas. Ní féasta go rósta: ní fiú trácht ar aon tsaghas fleadha ná bíonn feóil rósta air.

róstadh: *f.* (*-ttha*) do bhruith nó do bheirbhiughadh lé teas; gríosadh; clipeadh. Cá mbeidh an gabhar dhá róstadh anocht? [Ar shean-nós é do bhruith iomlán lé reidhleán teineadh: sóghlas ar chóisridhibh pósta lé linn m'óige dob eadh gabhar-fheóil]: cá mbeidh an fleadh? Raghadh súd, ná bíodh eagla ort, mar a mbeadh an gabhar dhá róstadh: 'on áit go mbeadh an greim is fearr lé fagháil. Tagaidh go léir isteach, annso tá an gabhar dhá róstadh: tá gach aonnidh maith ar siubhal ann .i. annso gheóbhaidh sibh cao ar an rud atá uaibh: .i. cead saor chun gach nidh atá ar siubhal. Tá, níl aon bhaoghal ná go bhfuil bráca an tsaoghail air, ag róstadh a chos leis an dteine (searbhas): ag breacadh a loirgne .i. a

chúram é féin do choimeád te. Dá mbeadh róstadh an ríogh ós mo chómhair ní bhlaisfinn é, níl aon chaitheamh i ndiaidh bídh agam: biadh an ríogh. Is fada í, an bhean bhocht, dhá róstadh ge n-a clainn: dhá chlipeadh ina beathaidh. Dá mbeadh a fhios agat an róstadh a fuairis uatha ní labharfá lé héinne aca choidhche airís: an cháin chaille do thugadar ort: an t-ionnsaidhe do deineadh ort. Ní fheadair ach an róstadh atá fachta agam ón gcapall, ní mór ná go bhfuil sé dulta im choinnibh ar fad: clipeadh: crádh: buaidhreamh. Tugann na bróga cumhanga so róstadh an domhain dom: dóghaid is luighid ar mo chosaibh. Ag róstadh phrátaidhe: ghá gcur fén ngríosuigh nó ar fhriochtán chun a mbruithte nó a mbeirbhthe. Mara bhfuil róstadh sa lá indiu, ní fheadar cad ann go mbeadh: beirbhthean teasa. Ag róstadh aráin leis an dteine: ghá chongbháil lé n-a teas go dtáthuigheann sé. An talamh dhá róstadh gen ngréin, connus fhásfaidh aonnidh?: dath ruadh ag teacht ar leis an dteas. Ní mór ná gur b'é a róstadh ina bheathaidh do theastuigh uatha, bhí an oiread san fonn díoghaltais ortha chuige. Tú do róstadh go ndéintear maran ceanamhail uirthi (an teine) ataoi: tu do ghreadadh.

róstaim: *b.a.* bruithim nó beirbhighim feóil lé teas teine; téighim go mór. Cuirim fé léith teasa mhóir, spallaim (talamh etc.). Róstfaidh an ghrian do ghéaga mara gcuirir clúid éigin ortha: clogfaidh sí an croiceann ortha is déanfaidh tinn an fheóil. Ná róst a thuilleadh me, tá do dhóthain ráidhte agat: ná clip me: ná cuir tinneas orm. Róstfadh an teine sin mart, tá sí chómh géar san: bheirbheochadh (bhruithfeadh) oireamhnach lé n-itheadh. Druid siar ón dteine nó róstfair thu féin: dóghfair is greadfair. Róstfaidh an teas so an talamh, ní fhágfaidh ribe air: spallfaidh: loiscfidh: barr-dhóghfaidh an fás go bhfeódhfaidh sé. Go róstaidh an diabhal! maran me atá clipighthe aige gan chúis gan adhbhar: gurb é ifreann a ionad. Tá a fhios agam-sa go róstfá me dá bhfaghfá aon chao: go ndóghfá me lé holc chugham. Róstfadh an obair chéadna ó lá go lá duine gan aon athrughadh: chlipfeadh an croidhe agat. Róstfaidh an deoch an t-ionathar ionat: dóghfaidh: millfidh. Níor fhéadadar éalódh as an ndóighteán is róstadh ina mbeathaidh iad .i. sarar éagadar do dóghadh is greadadh a gcuirp idir fheóil is leathar. Ní róstfair ina thaobh san .i. ní haon pheaca é.

roth: *b.3.* déantús nó fioghar i bhfeirm méise go mbíonn mol ina lár is gathaidhe as amach go fora cruinn; casann so ar chrann iomchair agus luathuigheann gluaiseacht aon chóir go mbíonn fé. Bíonn an roth ag casadh (ag iompódh) i gcómhnaidhe .i. roth an áidh .i. an té a bheadh síos indiu bheadh suas ambáireach, agus a mhalairt. Ná déin díoghbháil éinne, ní heól cá nó connus a thiocfadh sé treasna lá breágh éigin ort is go bhféadfadh do dhíoghbháil do dhéanamh; bíonn an roth ag iompódh: ní chuireann athrughadh an tsaoghail cos fé. Raghadh sé fé roth chun tobac tá an oiread san dúlach aige ann: raghadh i dtreis roth do ghabháil trí n-a chorp. Raghadh éinne aca san fén roth dhom .i. dhéanfaidís aon rud dom. Is dóigh leis go bhfuil sé chómh heólgaiseach san go ndéanfadh sé roth na geintlidheachta: roth a fhanfadh ag casadh aiste féin .i. go ndéanfadh sé aon rud go dtaidhbhreóchadh sé air. An stadfaidh sé choidhche de chainnt? tá sé ina roth mhuilinn ar fad: cainnt ag teacht uaidh gan sos, mar iompuigheann an roth leis an uisce. Tá fear maith ar an roth ná bíodh eagla oraibh: ag stiúradh. Cóiste cheithre rothanna. Tháinig an roth amach .i. d'imthigh sí den gcrann iomchair. Ní fada ná go mbeadh mo cheann ina roth ó bheith ag féachaint lé faill: meadhbhán ann go gceapfainn go mbeadh gach aon rud ag casadh tímcheall. Roth túirne (túrainn) muilinn, rothair, traenach, etc. I dtúis mo

shaoghail agus i bhfad isteach ann bhíos chómh dealbh le croidhe mo dheárnan, ar chor den roth thuit saidhbhreas orm: lé hiompódh an áidh. Ní ghoirtigheann spur gan roth .i. roth bheag go mbíonn géaráin uirthi ar bharr an spuir. Toisc ná féadfainn an cíos d'íoc árduigheadh chun siubhail rothaidhe an tighe i ngioll leis: baill troscáin mar búird, cathaoracha etc.

rotha: *b.4.* iasc mara go gcorp liocuighthe, sciatháin mhóra leathana, earball caol fada air. Ronnach, rón is rotha na trí héisc is mire sa bhfarraige. Léan id bhéal rotha ná héisteóchadh, maran agat atá an chainnt: béal mór, fada. Dar lé cuid mhór, gur sóghail an rud sciathán (liopa) rotha lé n-a itheadh.

rothag: *f.1.* faidtheadhlacht, foidhne, sciúird, seáp, ruathar. Rith roim léim thug sé fásc rothaig (fáscrothag) fén gclaidhe: greas reatha roim léime chun fuinnimh do chur leis féin. Thug sé fásc rothaig fúm: seáp reatha. Fásc rothaig do thabhairt fén ndoras chun teichte ós na Gárdaidhibh: eitim obann thapaidh reatha. Ná cuirfeadh duine éigin corc sa bhfear san ar an rothag cainnt atá fé ní stadfaidh sé anocht: rithe seama: sconna cainnte. Léim fhada = fásc rothaig, cosabacóid, truslóg is léim .i. rith lé fuinneamh go dtí marc an éirighthe ar chois, dul chómh fada san aer agus is féidir é roim thúirleang uirthi, dul tamall eile is teacht anuas ar an gcois eile, éirghe di sin is teacht anuas ar bhonn an dá choise in aonfheacht. Tairng ceann na héille, scaoilfidh sí gan duadh, snaidhm rothaig atá uirthe .i. go bhfuil lúb di fé chuibhreach an chinn eile. Lúb rothaig atá ar an dtéid, ní cheanglóchaidh ar cheann na téide do tharrac .i. a ritheas gan achrann. Bíodh rothag leat is ná déin aon rud go mbeadh aithreachas ina dhiaidh ort: foidhne agus cosc: faidtheadhlacht. Ní fhanann aon rothag leis nuair bhíonn braon caithte aige: fulang, foidhne, cosc mianaigh ná faidtheadhlacht. Beir fada air, beidh gach aon rud go maith lé foidhne, níl aon rothag ionat: ní dhéinir machtnamh ar nidh roim a dhéanamh.

rothaidhe: *f.4.* duine a mharcuigheas rothar.

rothaidheacht: *b.3.* gluaiseacht ar roth nó ar rothar. Rothaidheacht fhada ó Áth Cliath go Corcaigh in aon ló: tiomáint rothair.

rothail: *b.2.* ruathar, ruaig, ruail, breaghaid, sciúird. Níor scuireas an t-each mar nár thugas ar an mbaile ach rothail: cuaird ghearr: breaghaid. Lá éigin má gheibhim aon chao in ao'chor tabharfad turus oraibh mara mbeadh ann ach rothail: geábh gearra, tapaidh. Ní fhéadfainn bheith lán-deimhnightheach den gcunntas a bhí ar an bpáipéar, mar ná fuaireas air ach rothail: ruathar súl: strac-fhéachaint. An rud a déintear lé rothail bíonn a rian ar an gcrích a bhíos air, is é ná bíonn slachtmhar: de sciúird: go mear. Anois i gcóir na Nodlag beidh rothail gnótha sa siopaidhibh: greitheal.

rotháinín: *b.4.* roth bheag, bréagán rotha. Rotháinínidhe an uaireadóra chómh bídeach san gur lé húirlis mhín a hionnramháltar iad. Cnagarnach is glór againne, garsúin dhá bhaint na rotháinínidhibh ar an rás: bréagáin a chasfadh tímcheall.

rothaire: *f.4.* rothaidhe, fánaidhe, fear rotha, srathaire. Rothaire chómh maith is leath a dhá chois riamh ar chapall maide: a thiomáinfeadh rothar. Fiafruigh díom rud éigin níos

fusa d'fhreagairt 'ná cá bhfuil an rothaire sin ó fhág sé an tigh seachtmhain ó shoin: fánaidhe. Ag imtheacht ina rothaire fáin, oidhche annso is eadarshuth annsúd aige: geócach.

rothaireacht: *b.3.* rothaidheacht, fánadóireacht, faoibínteacht, srathaireacht. Tinneas im cheathramhnaibh ó bheith ag rothaireacht, níl aon taithighe agam air: ag gluaiseacht ar rothar (capall maide). Is lán-mhithid do a chuid rothaireachta do chur uaidh anois, crích do chur air féin: is socrughadh fé i mball éigin: fánaidheacht. Is claoine le rothaireacht é 'ná le hobair, aoibhneas a chroidhe bheith ag comhchainnt lé gach aon bhod bóthair a ghaibheas an treó: gluaiseacht thall 'sabhfus.

rothán: *f.1.* roth bheag, fonnsa, lúb, lúbán, filleadh fuilt; sádh tuige a choingbheas an tromán ina ionad. Rothán gadraighe: lúb déanta de thuigidhibh: lúb gaid. Fadó bhíodh an folt ina rothán ar mhullach a gcinn ag mnáibh, anois tímcheall ag ciumhais an hata os chionn cluas do bhíonn sé aca: filleadh fighte cruinn: treillseán. Aon rud a rithfeadh go saor i bhfeireadh. Na caraidhe sleamhnáin a bhí in Éirinn fadó agus atá fós i dtíorthaibh sneachtaidh bhíodh rotháin fútha: másа (sclátaidhe) iarainn nó adhmaid chun sliodarnaighe ortha. Fonnsa an tsoithigh ina rothán ag an leanbh ar an mbóthar: ghá liathradh.

rothar: *f.1.* capall maide, gléas iomchair go n-a dhá roth, ceann i ndiaidh an chinn eile, suidheachán d'éinne amháin, lámha lé n-a n-ionnramháltar an roth thosaigh mar oireann agus troightheáin ar roth bheag i lár lé n-a gcastar an roth dheiridh. Rothar sáidhte: a oibrightear leis na cosaibh. Gluais-rothar lé hinneall íle.

rothlach: *f.1.* duine tútach, tuathalach. Ní mór an gnóth ag an rothlach úd ameasc daoine béasacha, mar is beag an múineadh atá air: atá neamh-eólgaiseach ar cad is cóir agus is cuibhe do dhéanamh i gcómhluadar. Chuirfeadh an teanga bhorb atá ag an rothlach allus náire ort: duine neamhmhín: gan múineadh duine ná na nádúra air. Rothlach ar bórd seadh é: duine ná hitheann go béasamhail. Rothlach as a theangain Seán, bheifeá ar tinneall ná feadraís cá huair do sceinnfeadh focal éigin gairseamhail air: gan míneadh, miochaireacht ná modhamhaileacht ag baint leis.

rothladh: *f.1.* (*-dtha*) liathradh, iomlosc, casadh, iompódh. Na tonnta ag síor-rothladh fé dhéin na talmhan, rún diamhair seadh é: ag gluaiseacht díreach mar bheidís ag iompódh tímcheall. An roth ag rothladh leis an oiread san fuinnimh ná tabharfá a gathaidhe fé ndeara: ag iompódh. An ghaoth ag teacht "salach" de dhruim an chnuic 'sag rothladh tímcheall ag tógaint uisce as an bhfarraige: ina guairneán.

rothláil: *b.3.* do liathradh, do chasadh, d'iompódh, d'iomlasc. Bíonn na leanbhaidhe ag rothláil fonnsaidhe ar an mbóthar lé seódh .i. ghá gcur ag casadh is ag gluaiseacht ar aon am. Neart na farraige ag rothláil na gcloch síos suas ar an gcladach go mbíd cuar ar nós liathróide. Bhíomair ag rothláil linn abhaile ar ár suaimhneas fé ghealaigh na hoidhche gan mairg sa tsaoghal: ag gluaiseacht go neamhthuiseach. Chómh sásta lé cráin mhuiche ghá rothláil sa draoibh: iomlosc.

rothlálaim: *b.a. 7 n-a.* liathraim, casaim, iompuighim, iomloscaim. Rothláil an doras amach an soitheach san: liathruigh é: iompuigh ar a bholg é. Rothláil san lathaigh agus is gleóidhte an crot a bheidh ar do chuid éaduigh: iomloisc tu féin ann. Rothlálann aon rud cruinn lé fánaidh: iompuigheann tímcheall ina ghluaiseacht.

rothlam: *f.1.* guairneán, casadh, iompódh, iomlosc, liathradh. Nuair ritheann an tuile tríd an mbealach caol san, bíonn sé ag imtheacht ina rothlamaibh: puill ghuairneáin: baghtháil thaoide: sruthlam casta go mbíonn tarrac (súghadh) síos ina lár. An tseanchasóg a bhí lán de shalachar thug rothlam san abhainn: thumas san uisce í agus chasas go mear fuinneamhail. Ní bheadh aon chúram caduaic do chur ar an rothlam san, raghadh sé chun tuaisceartachta ar neamhnidh: ciotrúnta. Ní bhíonn suidhe ná luighe ag an bhfear gcéadna san, rothlam duine, é sean: guairneánach: rúidéiseach: corrathónach. Lonnuigh in áit éigin áirighthe is ná bí ag imtheacht id rothlam mar sin: go rúiseach gan fonn stuidéir: duine chughat uait. Ní hé mo thuairm go gcuirfeá an abha indiu díot, tá sí ina rothlam tuile: fuinneamh fúithi is puill guairneáin innte. Rugadh i lár an bhrúghtaim orm ag teacht amach trí gheata na páirce is mara mbaineadh rothlam asam go bhfuil m'asnaidheacha tinn fós uaidh: suathadh: súncáil: tnáthairt.

rothlóir: *f.3.* sorcóir fé aon rud trom (mar leabaidh etc.) chun a ghluaiseachta do luathughadh nó fé scáth fuinneóige; cloch reatha. Rothlóir chun cnapán cré do bhriseadh: cloch reatha. Cuirtear cheithre rothlóiridhe fé leabaidh chun a haistrighthe gan a tógáil anáirde den úrlár.

ruacán: (**ruacan**) *f.1.* iasc sliogáin dá-chómhlach, inithte. "Budh ríogh ruacáin, biadh bacaigh báirnigh" .i. gur ithe iongtach iad i gcómhnáird leis an mbáirneach. Ag breith ruacán go hÍnse .i. tá go leór leór díobh lé fagháil ann is cá bhfuil an call leis? .i. beart gan chall.

ruacht: *f.3.* ruaig, maidhm. An t-aindeiseóir ag imtheacht lé haor an tsaoghail do féin anois, is fadó a cuireadh an ruacht ón dtigh air: a díbreadh é. Cé chreidfeadh go dtiocfadh ruacht chómh hobann, tapaidh ar arm na Frainnce is mar tháinig: maidhm. Ón gcéad lá riamh do chuireas aithne ort, agus is fadó san, is tú mo ruacht: cúis mo dhíthe. Is mór an seódh an ruacht - ar a mbéal féin - atá dhá dhéanamh ar an namhad aca: léir-scrios.

ruathain: *b.3.* ruagadh, díbirt, léirscrios, madhmadh. Bíonn sé ag ruathain ar mo chuid caorach lé n-a mhadra: ghá ruagadh: ag cur an teicheadh ortha: ghá scaipeadh. Cuireann na trollairidhe an ruathain ar an iasc as an gcuan, mar réabann siad leapacha an tsíl ar thóin puill: déinid é do dhíbirt as an áit. An namhaid dhá ruathain thar teórainn lé neart airm: ag déanamh madhma ortha is ghá gcur chun siubhail. Chuir a hathair an ruathain orm nuair chonnacthas do ná raibh ar mo chumas a ingheann do chothughadh mar budh cheart, dar leis: teicheadh: chuir sé fuath an tighe orm. Níl a thuilleadh seasaimh ionainn anois tá an ruathain ar ár bhfórsaidhe: léir-scrios.

ruadh: *a.* donn-dhearg, ar dhath mairtfheóla amh, breasalach croidhearg, fuinneadh gréine, beóla an duine, fuil, meirg iarainn, gríosaigh teineadh, etc. Mada ruadh: sionnach. Arán ruadh: táithte. Siúicre ruadh: ar dhath na meirge. D'imthigh an teine tríd an dtigh

mar d'imtheóchadh trí pháipéar ruadh: go hobann, luath. Oiread agus pingin ruadh ní bhfuaireas as mo shaothar .i. a luighead díolaidheachta. Iascairidhe meisneamhla is tabhairt amach fén bhfarraige ruaidh: fiadhain, buileamhail [bíonn an dath san sa gheimhreadh uirthi]. Ionnsaidhthe ruadha dhá dhéanamh ar a chéile ag na cóimh-chómhairceóiridhe san Afraic fé láthair, armáil dhá smiotadh is fir ag tuiteam ar nós cuileanna: dásachta, fíochmhara. Bean an fhir ruaidh: fionna-dhearg. "Mise Eóghan Ruadh a tháinig 'on muing ruadh lé cráin ruadh chun collaigh ruadh Liam Ruadh Narcait" .i. dath donn-bhuidhe ar an mbeirt fear: dath feóidhte na gréine ar an dtalamh, agus dath donn-dhearg ar an ndís mhuc. Ní maith an tuar beatha an bhliadhain seo is an dath ruadh atá ar an dtalamh .i. feóidhte gen ngréin. Buinnidhe ruadha na farraige ag éirghe chómh hárd le cnoc gach ceann aca. Fear fionn-ruadh .i. go mbíonn néall bán tríd an ruaidheacht. Ní hí an bhleaist in ao'chor in ao'chor, cé go raibh sí ortha, a chaill na prátaidhe ach an chaoch ruadh .i. galar go dtagann dath meirgeach ar an nduilleabhar is go bhfeódhann sé. Ná habair "ruadh" lé lucht iascaigh ach "deagh-dhathach!" mar sin ag tagairt ar bhannc éisc nó ar an slighe chun iascaigh, ná habair an fear (bhean etc.) ruadh ach an fear etc. deagh-dhathach. Chun an mío-rath do chur ar iascaire abair: - "mada ruadh ar dubhán agus faoilleán ar do bhaoite (mada ruadh ort)!!!" Tonnaidheacha gorm-ruaidhe .i. go mbíonn néall ghorm tríd an ndeirgeacht. Folt dearg-ruadh uirthi go raibh scáil ann .i. ar dhath fuinnidh gréine. Earball dubh-ruadh ar an sionnach, is dócha gur lé haois é .i. néall dhubh ina dheirgeacht. Tabhair dom airgead ruadh ar fad ar an bpúnt so: prás: pingnidhe is leath-phingnidhe. An Mhuir-Ruadh, "mar sin thug Maoise Iosrael ón Mhuir Ruadh agus do chuadar go fásach Súr etc." (Ecs. XV. 22): an mhuir atá idir an Aisia is an Afraic. "Agus d'imdhearg sé an Mhuir Ruadh mar an gcéadna, agus do thiormuigh suas í, agus thug ortha san siubhal ins na haigéannaibh mar an ndiothramh" (Sailm CVI. 9). Rabharta ruadh na Cásca: rabharta an-mhór an-láidir: ar mbeith don dtráigh síos bíonn an dath san ar gach cladach ges na fáiseannaibh mara. Tuile trom, ruadh san abhainn .i. nuair shailigheann an t-uisce as a dhath aiceanta, agus neart leis. An t-iasc bhíonn ar an mbreac ruadh bíonn sé dearg .i. an breac ball-dearg go mbíonn a chroiceann ar dhath idir dearg agus buidhe [mínigheann so go maith an deifridheacht idir ruadh agus dearg]. Beidh do chosa ruadh ón dteine mara ndruidir siar uaithi: dath dearg tagtha ortha. Mar sin tá againn arán, siúicre, páipéar, leathar, pingin, daoine, muca, talamh, uisce (muir, abha etc.), gruaig, folt ruadh ach cosa, ba, spéir, fíon, feóil, gaiste etc. dearg. An aon iongadh ceól do bheith sa talamh san is an chré ruadh atá ann: cré go mbíonn sruth-néall dhearg innte. Seán Ruadh. Ar léighis Eóghan Ruadh? .i. dánta an fhile. "An bhfuil Eóghan Ruadh annsan?" d'fhiafruigh an sagart ón altóir nuair bhí sé ar tí a imdheargtha, - "táim", ars an file, "is nár fheicir-se an clódóir a dhathuigh é!"

ruadh: *f.1.* duine, ainmhidhe nó rud ruadh. Tóg-se an bhán is tógfad-sa an ruadh: tóg-se an t-airgead bán is tógfad-sa an prás. Bíodh sé idir ruadh is bhán agat .i. prás is airgead bán. Chuaidh ruadh abhaile chun a mhná: fear go mbíonn folt is fionna ar dhath idir bhuidhe is dhearg air.

ruadh-: *i gcfbh.* donn, dearg, donn-dhearg, fiadhain, dásachtach. Cad chuir an ruadh-aingceis air nách féidir lé duine féachaint cam air gan sclaimh do theacht: droich-mhianach mór. Na cómhachta atá ag troid anois táid gan amhras ruadh-armanta: fearas is gléiseanna cogaidh aca ar fheabhas is go flúirseach. Dréir na bpáipéar, deineadh ruadh-

argain ar an gcathair i rith na haimsire go raibh an t-iomshuidhe uirthi: scrios iomlán. I bhfionntar t'anama do chailleamhaint do raghfá treasna annsan indiu, tá sé ina ruadh-áth: an abha ina sruthlam fíochmhar, borb. Ní beag dom ar fuilngeas de ruadh-anródh lém linn gan leigeant dom féin dul ina thuilleadh: an iomad aindeise is clampair. Ruadh-airc ortha, is beag an truagh a bhí aca dhom nuair ná raibh greim béil agam: cruadhtan is ceal trom. Cá bhfuil an chasóg a chosnóchadh an ruadh-bháisteach so go bhfuil nimh ar gach aon bhraon di: cruaidh, fuar. Nuair tugadh ruadh-bhéic den sciain do baineadh ruadh-bhéic as a chloisfeá tamall ó bhaile: leig sé scréach árd, nimhneach. Ní fhágann ruadh-bhuinnidhe an gheimhridh anuas ós na sléibhtibh aon rud gan réabadh tómpa: tuilte troma, cómhachtacha. An bhéiceach a bhíonn ag ruadh-bhuinnidhibh na mara ag stealladh i gcoinnibh na bhfaillteach: tonnta láidre fíochmhara. Ruadh-bhreac, ruadh-bhean .i. go mbíonn beagán den ruaidheacht ionta. Tá na loirgne ruadh-bhreacuighthe go maith agat leis an ngríosaigh: baill dearga go flúirseach ionta ón dteine. Catihfear cogus do sholáthar don mbeithidheacht san, tá ruadh-bhuinne uirthi: scaoilteacht go bhfuil dath dearg uirthi. An tseachtmhain seo atá an ruadh-bhuile chun catha ag teacht ar na cómhairceóiridhibh i gceart: dásacht chun fola. Má dhéineann cainnt do é níl aon fheirmeóir sa pharóiste a dhéanfaidh ruadh-bhranar go dtí é: deargadh is saothar mór talmhan chun curadóireachta. Cuirfead an méid seo leis díom is iomdha ruadh-bhroid beartha cheana orm, budh mhinic me gan greim bídh ná balcais ghlan lém chroiceann: dearg-chruadhtan. Creid mise leis go ruadh-bhrostófar amach as an áit é nuair gheóbhfar eólas a dhroich-bheart: go ruaigfear é agus teann deabhaidh ag imtheacht air. Fé láthair tá ruadh-chathanna dhá chur san Rúis lé n-a bhfuil na céadta mílte ag tuiteam gach tráth den lá is den oidhche: coimheascar áidhbhéil. Cuirfead-sa ruadh-chneadh ort-sa, is baoghalach, mara gcuirir uait do chuid cleas is leigeant dom: déanfad gortughadh mór ort. An dtugair fé ndear me chómh ruadh-chnis ag an ngréin: coirtighthe ag an dteas. Ná tuigtear le neach go scarfad-sa go bog lé haon rud go bhfuil ruadh-cheannach déanta agam air gur dh'fhóbair dom m'anam do chailleamhaint tríd: ceannach daor. Ní fios d'éinne beó cad é an fhaid sheasóchaidh an ruadh-chómhrac so idir thíorthaibh ar an bhfonn díoghaltais atá ortha: troid dhian, dhásachtach. Madra ruadh-chluasach .i. go mbíonn fionna idir buidhe is dearg ortha. Lé n-a gcuid armála is fearas cogaidh táid ag déanamh ruadh-choscairt ar a chéile: cárnadh uathbhásach. Sin é fear is ruadh-chroicinnighe dá bhfeaca riamh: dath an tsionnaigh ar a chneas. Féar na talmhan ruadh-dhóighte ag an spalla tiormaigh: feóidhighte: dath na meirge tagtha air. Ruadh-dhromanna farraige agus béiceach gaoithe: tonnaidheacha móra, fíochmhara. B'éigean do chuid mhór dár ndaoine teicheadh as an ndúthaigh ón ruadh-dhaoirse a bhí innte, bochtanacht, gorta is cruadhtan: géirleanamhaint. D'órduigh Stailín an dúthaigh ar fad fé léith na namhad do ruadh-dhóghadh d'fhonn ná beadh aon bheatha rómpa: do léirscrios lé teine. Tiocfaidh ruadh-fhearg air chughat má théighir ró-dhian air: fearg bhuile. Aon amhras ní dhéanfainn ded ruadh-fhéitheannaibh ná go raibh an gníomh san ionat .i. go bhfuil sárfhuil ionta. An ruadh-ghaoth san anoir atá ann lé coigchíos dóghfadh sí aon talamh: lán-ghéar. Cómhartha droch-aimsire an dath ruadh-ghorm atá ar an bhfarraige: néall dhearg tríd an ngorm. Níl a cuid gruaige dearg ar fad, ach ruadh-dhearg .i. is láidre ar dhath na meirge innte ná ar dhath na fola. Baineadh ruadh-ghreasa ruathair as go minic nuair bhíodh na gárdaidhe ar a thóir: babhtaidhe teó tóraidheachta. Bainfead-sa ruadh lasracha as do shúilibh maidir lé cnapáil cheart do thabhairt duit .i. dar leat go bhfeicfir bladhmacha frithir dhearg os chómhair do shúil. Bhaineamair buillí láidre ruadh-rámhaidheachta as an mbád: cruaidh, dian, acfuinneach. Nách ruadh-chasta

ar a chéile atá an téadán so ná féadfainn a scaoileadh: go cruaidh, dlúth. Fear ruadh-fhéasógach é, ruadh-chroimbéalach go dtógfá ceann in aon áit de: neall dhearg san bhfionna air. Tá ruadh-lionn ar mo chroidhe ná gealfaidh choidhche: duairceas trom. Ruadh-leacha ná brisfeadh neart fir: leaca lán-chruaidhe, do-bhrúighte. Na treasa ruadh-líonmhara ag gluaiseacht chun catha: trom-shluaghach, foirtil, dásachtach. Árdán ruadh-lom .i. gan puinn ag fás air agus dath coirtighthe air sin féin. Ná tagadh aon ruadh-luisne ionat, ní tú an chéad chailín riamh a bhí i ngrádh: luisne trom: luisne a thagas go hobann tolgach. Cuireann sé ruadh-loinne orm aon duine do chlos ag tabhairt tarcuisne dom dhúthaigh, do dhéanfainn greamanna seabhaic de: suathadh feargach. Chuir sé dhe ina ruadh-lúth, rud nár mhór do, mar bhítheas go dian ar a shálaibh: gluaiseacht thapaidh, mhear. Bhain ruadh-liacha na ndíleachtaidhthe 'sa máithreacha deóir óm shúil: an scréachach géar-bhróin a bhí aca. Tháinig ruadh-mhachtnamh ann a bhean do mharbhadh agus do dhein: machtnamh lé fionnach. Talamh ruadh-mharlach: cré trom idir buidhe is dearg. Imtheóchaidh smut den ruadh-mheisneach de in am agus go mbead-sa réidh leis: meisneach a dheineas talamh slán des gach aonnidh. Ní maith lé hiascairidhibh mná ruadh-mhongacha do bhualadh leo is iad ag dul amach: idir fionn is dearg. Is iomdha fear breágh beartha ag an ruadh-mhuir léi: an fharraige i gcorp a fiadhantais is a treise nuair bhíonn a dath athruighthe. Cnoc ruadh-mhullaigh .i. go mbíonn fionna air ar dhath na raithnighe nách mór. Ruadh-namhaid í sin ná cuirfear ar lár gan go leór leór fear, armáil is lón: namhaid dhaingean, righin, chruaidh. Seachnuigheadh an saoghal mór é féin orm go bhfuil ruadh-namhadas ag teacht orm: mianach gomhamhail nimhneach ag briseadh ionam. Cuirfear ruadh-nasca ort a bhainfidh smut den siubhal díot mara gceapfair do shuaimhneas: cuibhrigh dhiana, dho-scaoilte. Mara mbeadh é bheith ina ruadh-riachtanas cheart orm-sa b'fhada mar phaiste orm dul fé chomaoin loirgthe ort, a dhuine chóir, mar is eól dom go dteastuigheann do chuid uait féin: dian-ghábhadh. Bhailigh sé leis sa ruadh-reathannaibh, is eagla a chroidhe air, gan oiread agus dearcadh thar a ghualainn: chómh luath tapaidh in Éirinn agus d'fhéadfadh sé. Céaca is ceart do chreideamhaint, éiligheann an dá thaobh go bhfuil an ruadh-ruathar aca dhá chur ar an dtaobh eile .i. teicheadh agus léirscrios dhá dhéanamh air. Gaibheann ruadh-shaigheada tinnis trím bhallaibh leis an ngalar atá orm: ríoga fíochmhara. An fearann go léir suas go barr an chnuic ruadh-sciamhach .i. an dath meirgeach san a thagas ar thalamh garbh ná saothruightear leis na bliadhantaibh. Thug sé ruadh-sciúird fé dhul im mhuineál ach chosnuigheas me féin air: fogha, sanntach, dásachtach. Admhuigheann gur chuir amharc na sceanna ar tarrac ruadh-scannradh orm agus gur gheairrid Dia liom an doras do bheith agam: sceimhle anama. Arán gan bácáil seadh fós é, níl air ach ruadh-sceódh: dath crón-dearg ag teacht ar an dtaos. Chúig uaire do ruadh-scriosadh Corca Dhuibhne nár fágadh barraidhe, daoine ná ainmhidhthe innte: bánuigheadh í: tugadh "barra dearg" uirthi. Bíonn duileasc ruadh-sheamrach: donn-dhearg. Beidh fadhbanna ruadh-shnadhmacha lé réidhteach tar éis an chogaidh seo: an-chrosta, an-achrannach. Sa gheimhreadh bíonn ruadh-thuilte san abhainn: atuighthe, borrtha lé huiscidhibh go mbíonn dath an chróin ortha. Beir-se, lá éigin, gan coinne agat leis, go mbeidh ruadh-lasracha ruadh-theine leat!: teine ró-ghéar (in ifreann). Bhagras ar an namhaid go raibh ruadh-threasa deigh-inneallta fear ar mo chur agam do scaoilfinn chun gnímh iad dá mearguightí me: cipidhe treathan-láidre fear. Dá chruadhacht atá an saoghal orainn ní mór ár gcúis gearáin, cuimhnightear ar na daoinibh atá ag bruic i dtíorthaibh eile leis an ruadh-theirce: gannchar áidhbhéil. An bhfeacaís riamh bean ruadh-úrlach ná beadh teasaidhe .i. dath fionnaidh an tsionnaigh ar

a folt. Chuirfeadh aon fhéachaint air ruadh-umhan ort, tá sé athruighthe cómh mór san: scannradh saoghalta. Ruadh-airgead ar fad atá sa mhála páipéir sin: airgead práis. “Cad é an dath atá ar shúilibh an choirpigh?” – “ropaire ruadh-roscach seadh é”: dath donn tímcheall an radhairc ortha.

ruadhacht: *b.3.* aiste dhearg, feóidhte (ucht na talmhan), cruadhtan. Féasóg throm dhubh air go bhfuil ruadhacht innte: néall deirgeachta mar atá fionnadh sionnaigh. Gach éinne den gclainne do bhí ruadhacht ionta: claon lé dath an tsionnaigh ina bhfionnadh is ina bhfolt. Ní bhrisfeadh a bhfuil d’órdaibh sa Mhumhain an charraig sin leis an ruadhacht atá ina croidhe: cruadhacht is daingneacht. Lé maolughadh an tráthnóna tagann ruadhacht i dtaobh an chnuic ná bíonn lé tabhairt fé ndeara i rith an lae roimhe sin: claonadh lé dath na raithnighe. Beidh ruadhacht id loirgníbh ag teas na teineadh: dath meirgeach. Dá ruadhacht an talamh, dá dtagadh aon oidhche amháin báistighe air thiocfadh dath glas air: feóidhteacht.

ruadhas: *f.1.* claonadh le bheith ruadh; deirgeacht. Tá ruadhas ionta go léir ó n-a máthair: claon lé cneas fionn-dearg do bheith ortha, nó niamh (néall) dhearg ina bhfolt nó ina bhfionnadh. B’fhearr liom mo bhean bheith ceann-dubh, ní maith liom aon ruadhas innte: niamh dhearg. Ní bhuailfeadh na caoire barra a bpuis ar an bhféar lé n-a ruadhas: dath feóidhte ó theas na gréine is spall fada tiormaigh.

ruadhóg: (**ioróg**) *b.2.* an guaire (céarach) chuireann an gréasaidhe ar bharr an tsnáithín céarach chun cruinnis lé n-a sháthadh trí phollaibh an mheanaithe. Gheóbhadh sé trí áit ná geóbhadh an ruadhóg .i. poll an-chumhang.

ruagadh: *f.* (*-gtha*) díbirt, tóraidheacht, teicheadh, ionarbadh, deórughadh. Ag ruagadh na gcearc as an ngáirdín go ná scríobfaidís an síol as an ithir: ag cur an teichidh ortha. Cuireadh an ruagadh as an scoil orm gan aon bhun ná leath-scéal do thabhairt dom leis: an díbirt, an teicheadh: scaradh liom. An dá thaobh cómhraic ghá éileamh go bhfuilid ag cur an ruagtha ar an dtaobh eile: ghá ndíbirt as a n-ionadaibh. Ghom ruagadh chun fáin atá mo bhean is mo chlann d’iarraidh do dhéanamh: ghom thóraidheacht ón dtigh. Teach tábhairne ní raibh ar an mbaile ná gur cuireadh an ruagadh air as, toisc an col láidir a bhí ag gach cuideachtain leis: tugadh an doras do. Níl an ruagadh fós ar an Almáin as aon tír a dhein sí d’ionnradh: an teicheadh: díbirt: ionnarbadh. Deocha teódha is teas na leapan an leigheas is fearr chun na bpian san do ruagadh as do chrathachaibh: do chur glan amach asta. Dathad míle uair do thugas iarracht ar an machtnamh go raibh mo chéile leapan mí-dhílis dom do ruagadh as mo smaointe: do chur ar fán. Ní olc é an madra chun ainmhidhthe do ruagadh ó fhoghail: an teicheadh do chur ortha: a dtiomáint ar luas uaithi. Ón ruagadh atá fachta ós na Gárdaidhibh aca ní dóigh liom go dtabharfaid ar ghanfhiosaidheacht dighe airís: an cur chun siubhail lé luas.

ruagaire: *f.4.* tóraidhe, úirlis nó aon rud a chuirfeadh nó a bhainfeadh rud eile as a ghreim; fánaidhe, díbreach, deóraidhe. Cruinneóchad ciall im mheádhon aois dom, lonnóchad i mball éigin is beidh deireadh agam lé bheith im ruagaire indiu annso is annsúd ambáireach: fánaidhe. Níl aon ruagaire ar an stolladh tinnis sin id bholg ach gloinne de bheathuisce mhaith: rud nó leigheas a chuireas an ruaig nó an teicheadh.

Mharbhuigheas triúr saighdiúiridhe d'arm an ríogh agus b'éigean dom bheith im ruagaire ameasc gleann agus cnoc is iargcúltacht: díthreabhach (díthreóch): duine go bhfuil fuath cómhluadar curtha air agus coimirce na dlighe locuighthe air. Duine ina Éadhmonn an Chnuic. Toisc na heochrach do bheith caillte dheineas ruagaire de bhlúire iarainn, a chuir an bolta i ndiaidh a chúil: úirlis a chuir as a ionad é. Ruagaire maith tighe seadh an madra san, ní dóigh liom go leigfeadh sé éinne i ngaobhar do faid bheadh an t-anam ann: díbirtheóir.

ruagaireacht: *b.3.* fánaidheacht, seachránaidheacht, díbirt, tóraidheacht, ionnarbadh. Cad fáth dhuit do mhadra do bheith ag ruagaireacht ar mo chuid chaorach? ní thugann sé sos uaire dóibh: ghá dtóraidheacht: ghá gcluiche. Im shuidhe annsúd dom i mbéal na scairte, an fhaill os mo chionn, an fharraige fém bhun ná féadfainn mo cheann do nochtadh d'éinne b'ait liom an ruagaireacht a deintear ar dhaoinibh seachas a chéile ar nós ainmhidhe fiadhain an mhachaire: an tóraidheacht: an fiadhach chun beartha air. Bhíodh girrfhidhthe ann go hiomadamhail go dtáinig ruagaireacht ortha annsan d'fhánuigheadar: tóraidheacht, fiadhach, is thugadar ball éigin eile ortha féin. Is mór aige foghail do dhéanamh air, is bíonn do shíor ag ruagaireacht ainmhidhthe fáin ón gcómharsanacht aige: ghá ndíbirt uaidh.

ruagairt: *b.3.* díbirt, fán, ruathar, mear-chúladh, ionnarbadh. Chuir droch-dhlighthe an ruagairt as an dtír ar ár muinntir, ní lé fuath d'fhágadar í: an teicheadh: imtheacht aindeónach. Ná cuir de dhuadh ort féin mise do ruagairt imtheóchad gan tafant ná iarraidh: iachall do chur orm imtheacht: teann deabhaidh do chur orm. Cloisim go bhfuil an ruagairt lé cur ort as an mbaile: tú do dhíbirt lé fórineart más gábhadh é. Bhí sé ag cur níos mó tuaithe innte 'ná mar b'áil léi is do chuir sí an ruagairt air: chuir sí fuath air teacht ina goire as san amach. Is maith is cuimhin liom an mhaidean go raibh an ruagairt ar eadáil an chnuic ag na báillidhibh: gur árduigheadar leó na hainmhidhthe de. Sinne ag rámhaidheacht ar ár ndícheall fé dhéin na talmhan is an ruadh-ghaoth ghár ruagairt chun farraige amach: ghá choimeád uaidh is ag tabhairt cómhairle dho gan bac leis. Sin é tráth an imshnímh is an mhíoshuaimhnis aigne nuair bhíos ar ruagairt ag an lucht ceannais: ar mo theicheadh is mo chosaint. Nách diail an obair ná déantar na trollairidhe iasachta san do ruagairt ó n-ár dtalmhaintidhe éisc: iad do thiomáint dá n-aindeóin uatha. É do ruagairt thar sáile: do dhíbirt. Ní furaiste ar fad an tinneas so do ruagairt as mo chnámhaibh: do chur.

ruagmhar: *a.* i ndán ruagtha, leanamhna etc. Éilightear gur cogus ruagmhar ar dhathachaibh é seo, go n-imtheóchaidís ó dhuine ina dhiaidh: díbearthach. Mo chroidhe is m'ae ag rith ar a chéile d'iarraidh na gcos do bhreith ón namhaid ruagmhar a bhí ar mo shálaibh .i. a bhí ghom thóraidheacht. "Níl aon tseasamh ag an namhaid", ars an cúnntas cogaidh in aghaidh ár slóighte ruagmhara-na .i. atá ag cur an teichidh amach.

ruagradh: *f.1.* díbirt. Dá mbeadh aon ruagradh dhá dhéanamh ar na hainmhidhthibh ní bheadh an geamhar ina chosair easair aca mar tá: tóraidheacht: díbirt. Dhein sé fiche fead ruagraidh orm ach níor thógas aon cheann de, d'fhanas mar a raibh agam: fead fógartha fágtha.

ruagraim: *b.a.* tóruighim, cuirim an teicheadh air, díbrim (díbrighim), fiadhachaim, ionnarbaim. Cé ruagróchaidh as mo dhún-bhaile féin me? budh mhaith liom lán mo shúl do bhaint as?: a thiomáinfidh amach me: a chuirfidh as seilbh me. Duine ró-fhial, ró-ghalánta é go ruagróchadh sé éinne ó n-a bhéal dorais: go bhfógróchadh chun siubhail iad. "Ní dóigh liom go bhfuil aon fháilte annso rómham, bead ag imtheacht" – "níor ruagair éinne fós thu": níor chuir éinne. Do ruagair na gárdaidhe na bacaigh go léir den sráid: chuireadar iachall ortha gluaiseacht. Cé he ná ruagróchadh an bás?: a dhíbreochadh é dá bhféadadh.

ruagtha: *a.r.* díbeartha, curtha ar fán, ar siubhal, ar teicheadh, ionnarbtha; iachall curtha ar cúladh. Deir faisnéis Shasana go bhfuil airm na hAisile ruagtha i dtuaisceart na hAfraice aca fiadhain, ná fuil ach fo-ghasra dhíobh gan críochnughadh acu: curtha ar fán as a n-ionadaibh troda. Ruagtha gem mhnaoi, sin mar táim: curtha uaithe lé héigean. An chloch mhór a bhíodh i mbéal an phuill is ná féadfá dul isteach aice, is fadó riamh ruagtha ag an bhfarraige í: curtha as a hionad. Dá mbeadh diachair id thaobh atá ar mo chroidhe ruagtha agam budh shubháilceach an mháthair me: scriosta amach as mo smaointibh.

ruaidhe: *b.4.* galar dian borrtha croicinn a deargas go mór. Plúr te a cuirtear léi mar leigheas nó uisce na ruaidhe ó phoitigéaraidhe.

ruaidhteach: *f.1.* talamh garbh sléibhe. Móin ná féar ná barraidhe ní thabharfadh an ruaidhteach .i. talamh righin ná déanfadh an fód teine ná toradh do thabhairt.

ruaidhteachas: *f.1.* gairbhthean sliabh is cnoc. An talamh imthighthe chun ruaidhteachais: fionán, fiorthan, fraoch is aiteann ag fás ann, cheal a shaothruighthe. Ruaidhteachas an chuid is mó de Chorca Dhuibhne: talamh cnuic is sléibhe gan cur.

ruaig: *b.2.* scuabadh, ionnsaidhe obann, ionnradh, fogha, cúrsa, eachtra, tóir, teicheadh, scaipeadh, spréidhe; díbirt, ionnarbadh. Fan mar a bhfuilir anois, níl neach ag cur ruaige ort: ghod thiomáint chun siubhail. Ar gach ucht de mhacaire an chatha tá an ruaig dhá chur ortha: tá an tóir dhá chur ortha: táthar ghá gcur ar gcúl dá n-aindeóin. Ruaig ort! ná fanann socair ar nós gach éinne: tóir go raibh ort! mío-ádh ort! Bíonn ruaig éigin in aghaidh an lae air, aon tsuaimhneas ní bhfaghann sé: duine éigin ina mhullach mar gheall ar rud éigin beag nó mór. Cuirfear an ruaig ort: cuirfear an teicheadh as an áit ort nó séanfear do chomhluadar. Bhíodh coidreamh dlúith eadrainn, ach chuireas an ruaig air: tháinig fuath agam dá chuideachtain: sheachnuigheas a chómhluadar. Tháinig sé is d'imthigh sé de ruaig reatha, budh dheacair d'éinne tuairm do thabhairt cad bhí fé do dhéanamh .i. go deithneasach, fuadrach. Tabharfad ruaig ar an nDaingean fé dheireadh na seachtmhaine, is fada riamh ó bhíos ann: cuaird lé hinntin éigin, gnóth etc. Thug an t-iasc ruaig eile fén mbaoite ach ní dheaghaidh an t-iarann ann: fogha: eitim ar an mbaoite d'árdach leis. Cheithre ruaga thugas fén ndoras do chur isteach lém ghualainn ach bhí sé ró-theann dom: iarrachta prasa, láidre. Ruaig ar ruaig againn dhá thabhairt fén ubhal crochta lé n-ár mbéal: iarracht ghabhtha. Thug na Gearmánaigh ruaig fán bhfásach isteach 'on Éigipt thar teórainn: fogha dulta isteach innte. Seo leis ins na tréintibh agus níor stad den ruaig sin gur bhain Corcaigh amach: den stair sin: den ruathar gluaiseachta

san. Thug sé ruaig nimhe den sciain fúm: sáthadh sanntach, obann. Tabhair ruaig ar an úrlár, tá sé an-shalach: tabhair iarracht air go nglanfair é. Is iomdha ruaig chonntabharthach ina rabhais léd linn, bhí Dia buidheach díot gur tháinighis slán: teagmhas dána: gníomh nó teangmháil go raibh conntabhairt nó dánaidheacht ag baint leis. Níor fhanas leis me féin féin a chuir an ruaig orm féin: do theicheas dem dheóintibh féin. Dá dtugthá aire dhuit féin do bheifeá san áit sin fós, tú féin a chuir an ruaig ort féin .i. budh chúis léd chur chun bóthair. Ruaig air nár thug an scilling eile air, ní hí bhrisfeadh é .i. mío-ádh air .i. b'ait an duine é, etc. Ruaig orm-sa, mhuis, má chorruighim as so d'éinne: mío-rath go raibh orm. Má theip féin cheana orm tabharfad ruaig eile fé: tástálfad airís é: tabharfad fogha eile fé n-a dhéanamh. Is beag cao ar bhuadhachtaint anois aca, tá siad ina ruaig ag an arm eile: dhá thóraidheacht. Riamh táid sin ag leanamhaint na ruaige orainn, gan aon chúis gurb eól dúinn: gan iad ag tabhairt faoisimh dúinn: ag gabháil dínn ar gach cao. Eadrainn féin anois ní raibh an obair ar fóghnamh. Connus bheadh, cathain a deineadh faic i gceart de ruaig reatha .i. lé deabhadh is deithneas. Buaileann ruaigeanna gránda tinnis cinn é go gcaitheann triall ar an leabaidh: ionnsaidhthe: spreannganna. Tháinig ruaig fharraige a mhúch is a chlúduigh an charraig mhór gur dhóigh leat go dtairngeóchadh aníos as a préachaibh í: brúcht throm tholgach fharraige ag gluaiseacht lé fuinneamh aidhbhéil. Ná cuireadh mo chuid cainnte-se an ruaig ort .i. pé rud atá dhá rádh agam ní gábhadh dhuit fágaint ina thaobh .i. fáilte a chlos agat. Ar an gclódh séirseálta atá ar an dtigh seo do thug duine éigin ruaig air: fogha tapaidh, mear lé hinntin rud do ghabháil.

ruaigim: *b.a. 7 n-a.* díbrim, cuirim an teicheadh ar, músclaim, tiománaim, etc., as ionad; spréidhim, scaipim. Ruaigeadh fadó as an oifig é mar gheall ar mhí-ghníomh éigin ná faisnéistear: baineadh a bheart de is cuireadh chun bóthair é. Ruaig a hathair me, ní rabhas maith a dhóthain di, dar leis: chuir sé mé ó aon tsíos ná suas do bheith agam léi. Dá dtógthá mo chómhairle sé, cómhairle amadáin, do ruaigfeá na smaointe aoracha san as do cheann is chlaoidhfeá leis an rud is fearr atá ar eólas agat: shéanfá iad: ní bheifeá ag tabhairt incheann dóibh. Ruaigfeadh mo bhean me dá mbeinn déidheannach ag sroicheamhaint an bhaile: amach liom aice. Imtheacht gan teacht ort-sa ach go háirighthe pé rud a ruaig chughainn thu: a sheól 'on treó so thu. Do ruaig rud éigin chun fáin iad mar nár ghnáth aca imtheacht asta féin: thiomáin. Tháinig anamamhlacht ghaoithe a ruaig an ceódh den bhfarraige: a scaip: a spréidh. A bhfuil d'fhearaibh sa pharróiste, 'sis mór an focal é, ní ruaigfidís an charraig sin as a leabaidh: ní chuirfidís as a hionad í lé teann nirt. Fós riamh ní bhfuaireas aon leigheas a ruaigfeadh na dathacha so as mo chnámhaibh: a chuirfeadh chun siubhail iad. Ruaig ón ndoras an lucht caoraidheachta san, ní fada ná go mbeidh an baile bailighthe orainn: fógair as iad: cuir an scaipeadh ortha. Ruaig sé cnapán cloiche orm a bhuail sa leath-cheann me: theilg. An bhochtanacht a ruaig óm thír dhúthchais: a chuir iachall orm í d'fhágaint. Cuirfead aon gheall leat ná ruaigfidh a bhfuil de mhadraidhibh agaibh an sionnach as a dhaingniughadh: ná músclóchaidh. Mara staonair do mhadra ruaigfidh na caoirigh: scaipfidh soir siar.

ruaigthe: *a.r.* bagartha, tiomáinte as lé foirneart, curtha ar teicheadh, ar scaipeadh, as ionad. Táim ruaigthe gem mhnaoi: curtha uaithi. Go ceann an cúigeadh lae catha ní rabhamair ruaigthe, bhí an ball seasuighthe againn d'aindeóin namhad budh líonmhaire is b'armtha: curtha ar teicheadh: tóir curtha orainn. Níl bannc ann ná go bhfuil an t-iasc

ruaigthe as ges na trollairidhibh: curtha chun fáin. An bhfuil na mná ruaigthe as do cheann fós agat, a chladhaire?: curtha amach glan as.

ruaimle: *f.4.* uisce morgaighthe, coirtighthe, linn salach. Dhein ruaimle den bpoll snámha nuair corruigheadh an draoib ar a thóin: poll salach. Lá maith iascaigh lé péist seadh é, tá an abha ina ruaimle ag an dtuile as an bportach: dath na coirte tagtha air.

ruaimneach: *b.2.* mong muiníl (muing) agus fionnadh earbaill nó earball bó, capaill; an losna a deintear as ionathar na caorach nó a baintear as an seiriceán. Súil ribe ruaimnighe: lúb reatha déanta de dhá chor de mhuing nó earball capaill nó earball bó mar chuireann garsúin ar bharra slaite lé n-a cur isteach ar cheann bric is é le sámhán. Súgán ar dheis, ruaimneach ar chlé .i. d'fhonn téadáin do dhéanamh ina cheart de ruaimnigh ar chlé nách mór é do chasadh. Gach aon ruibe air chómh láidir lé ruaimnigh: gruaig nó folt garbh. Is iascamhla ruaimneach ná cnáib: losna a déintear as chaolán caorach.

ruaimneach: *a.* donn-dhubh, coirtighthe, troighneach, luisneach. A ghruadh ruaimneach ón iomad óil: lasta, deargtha go mbainfeadh dealg fuil as. Lá maith iascaigh an lá indiu, tá an t-uisce ruaimneach ag roide (ruide) an phortaigh: dath donn tugtha air.

ruaimnighim: *b.a.* $_7$ *n-a.* deargaim (dearguighim), tugaim dath crón air, teimhealuighim. Ruaimnigh a shúile cheal codlata: tháinig dath dearg ortha. Ruaimneóchaidh na préacha seach an t-uisce i gcóir an dathuighthe: tabharfaidh dath donn-chorcra air. Caith uait é, a dhuine, ní túisce do labhras leis ná ruaimnigh sé ná féadfadh focal teacht as lé tacht buile: do dhubhuigh is do ghormuigh aige. Ruaimnigheann tuile an abha: teimhealuigheann go dtagann dath donn-dhearg uirthi. Do ruaimnigh an t-éadach sa dathúchán go maith: chrónuigh.

ruaill: *b.2.* geábh, ríog, fogha obann, cuaird ghearr, breabhaid. Cad d'fhoghlumóchadh sé? fear ná tugann ach ruaill ar a chuid leabhar?: seal gearr ag gabháil díobh. Tabharfaid ruaill ar an ngort .i. raghad ag féachaint an bhfuil gach nidh i gceart leis, nó chun pé easnamh, fiadhaile do bhaint, breis leasuighthe do chur air etc. Níl do chuid éadaigh leath scuabtha a ndóthain agat tabhair ruaill eile ortha: gaibh chúcha leis an scuaib airís. "An dtagann slaghdán in ao'chor ort?" – "tugann (sé) ruaill orm fo-uair": cuaird: taom éadthrom ó am go ham. "Is conntabharthach an rud d'fhear ruaill do thabhairt ar striapaigh", ars an dochtúir, "ar eagla galair". "An 'on bhaile mhór a raghair?" – "tabharfad ruaill": tabharfad turus ann. Tháinig ruaill ar ruaill fharraige orm is me ar mo ghreim go daingean ar an gcarraig, do shaoileas do scuabfadh ar nós an scatháin feamnaighe leó me: scabhatanna: dromanna móra, fuinneamhla farraige. Tabhair ruaill eile air chun a chríochnuighthe níos fearr: gaibh de airís. Is fada gur thugais aon ruaill orainn anois, cad dheineamair ort?: cuaird.

ruaille: *b.4.* bean (cailín) neamhghasta, neamhchríochnamhail, sruimile, cuaróg. Is fada go bhfágfainn fén ruaille sin aonnidh do dhéanamh go slachtmhar: baineannach nár bh'eól di cad budh cheart do dhéanamh is gur chuma léi. Ruaille nár ghlan riamh an chan dá haraistidhibh búird: bean ná beadh slacht ná glanchar ag baint léi. B'fhearr don ruaille

fanacht ge tigh féin is aire do thabhairt do, 'ná bheith ag comhchainnt i dtighthibh na gcómharsan: bean a chaitheas a saoghal ag bothántaidheacht.

ruaille-buaille: *f.4.* callán, achrann, trí chéile, brughtam, gleódh is dul-trí-chéile. Chuaidh díom a dhéanamh amach cad budh bhun leis an ruaille-buaille a bhí ar siubhal sa tseómra budh ghiorra dhom nár leig néall chodlata ar feadh na hoidhche orm: gleódh glórtha ina bhfothram nár bh'fhéidir éifeacht do bhaint asta. Cuid díobh ag rinnce, cuid díobh ag seinm, cuid díobh ag béicigh is cuid díobh ag amhrán go ná féadfá tóin ná ceann do dhéanamh den ruaille-buaille a bhí ar siubhal aca: fothram gleóidh. Chómh luath is chaitheas an crobh pingnidhe síos an bóthar bhí sé ina ruaille-buaille ameasc na ngarsún d'iarraidh iad do bhailiughadh: ina rás tóin thar ceann. Ó mo chloigeann bocht is an ruaille-buaille atá ar siubhal istigh ann tar éis caoireach na hoidhche airéir: tinneas is meadhbhán áidhbhéil.

ruaim: *b.2.* ₇ *3.* an dath do baintear ar sughlach préach sceach etc.; dath odhar nó crón, an lacht go mbeadh dath coirtighthe air. Má leigir di an té do dhéanamh beidh sé ina ruaim aice, ní bhíonn peaca an tómhais ar a láimh: an-láidir, is dath na coirte air. Tá ruaim anuas ar a éadan ón hata: rian reatha datha an hata lé hallus nó báistigh. Ní bhlaisfinn é, tá sé ina ruaim agat mar uisce: dath crón tugtha air. Dá gcuirtheá a thuilleadh den ruaim air do b'fhearrde é (seanbhlas): den dteimheal air (lacht éigin). D'éirigh an ruaim ina cheannaghthaibh lé cuthach chugham: lasadh trom feirge. Breis choirce don gcapall breis ruaime ann: an coirce chuireas ceól is speach ann. "Tumadh sa ruaim go maith é", deirtear lé duine a bhíos ruadh.

ruaimnighthe: *a.r.* dearguighthe, dearg-dhaithte, corruighthe, teimhealuighthe (uisce etc.). Plainnín ruaimnighthe .i. daithte crón-dearg. Ná bíodh aon eagla ort ná go bhfuil an té seo ruaimnighthe go maith agat .i. oiread san nirt innti go mbí dath donn-chrón uirthi. Nuair bhíonn uisce na habhann ruaimnighthe seadh is iascamhla í lé péist mar is deacra an daradha 'san t-iascaire do thabhairt fé ndeara. Mo lámha ruaimnighthe ag an gcoirt lín: daithte crón.

ruaimniughadh: *f.* (*-uighte*) do dhathughadh dearg, crón, donn-bhuidhe, do shailiughadh (uisce). Ag ruaimniughadh an éadaigh is ag cur dlioscar na gcloch tríd chun ná rithfeadh an dath: sughlach préach sceach dhá chur air. Tá uisce na habhann ag ruaimniughadh ag cré na bport: dath salach dearg ag teacht air. Ní deacair a aithneamhaint ar an ruaimniughadh atá ina cheannaghthaibh go bhfuil sé ag ól: lasadh fola.

ruainne: (**ruaine**) *f.4.* ruibe gruaige, fionnaidh, clúimh, fás muinge is earball capaill is earball bó; blúire, pioc, giota, máille. Chuirfeadh an clúmh atá ar a chneas ruainnidhe muice i gcuimhne dhuit, tá sé chómh láidir sin: guairidhe, ruibidhe single. Bhíodar chómh dlúith sin ar a chéile gur dhóigh leat ná raghadh an ruainne eatartha: ruibe singil fuilt nó clúimh. An dtiocfaidh aon ruainne céille choidhche dhuit? níor chaillis feádhanna an leinbh fós: aon taimilt: blúire etc. Níl oiread as shaothar na seachtmhaine agam is cheannóchadh ruainne tobac dom féin: blúire beag. Ná gearán in ao'chor, níl ruainne goirtighthe ort, tháinighís saor go maith as: aon phioc: rian. "Ar chuir an pléascán aon eagla ort?" – "ruainne beag": aon eagla in ao'chor. Mo mhairg agus is aige atá an lámh

sprionnlaithe, an ruainne beag feóla a thug sé dom lém dhinnéar: blúirín. Fuair sé ruainne uaithi .i. leig sí dó í do chumaisc. Ná bíodh aon eagla agat rómham, a leinbh, ní dhéanfad ruainne leat .i. faic 'e bharra. Déarfainn gur mar a chéile atá sé, ná deaghaidh ruainne oilcis ná ruainne feabhasa air ló go n-oidhche: oiread an fhrighe. Má tá ruainne a bhéil aige ann bíodh sé buidheach de féin: oiread is go mairfeadh sé air. Níl aon ruainne den úrlár san ná fuil folláin: oiread agus órdlach. Connus tá gach ruainne dhíot?: gach aon mháille. Fuaireas ruainne (de) choinnín lé n-itheadh: blúire, slaimice beag. Idir ruainne bheag is ruainne mhór, d'ith sé siar ina chlab a raibh ann: idir choirt chroiceann: uile go léir. Dá mbeadh an tigh trí theine air ní bheadh ruainne deabhaidh air: aon raon sa tsaoghal. Anois níl faic ná ruainne aige tar éis an ionmhais go léir: luid. Ruainne a fhiacaile ní thabharfainn do: oiread agus raghadh fé n-a fhiaclaibh ar aon uain. Níor fhág an madra ruainne lé n-a chéile den gcoinín ná gur strac sé as a chéile .i. rinne a mhilleadh. Ruainne dhíot ní fágfar lé n-a chéile má faightear amach go raibh aon lámh i marbhadh an chapaill agat .i. stracfar as a chéile thu. Cuir na ruainnidheacha go léir lé n-a chéile: máillidhe. Dá ndeininn ruainnidheacha dhe ní bhlaisfeadh sé an biadh: dá stracainn as a chéile ina bhlúiridheachaibh beaga é. Aon mhaith dá chómhairle ní bhfaghainn-se ní dhéanfadh sé ruainne orm (dom): ní éisteóchadh sé lém chómhairle. Ná cur aon ruainne eile éitigh orm nó ní fhágfad fiacal id cheann gan briseadh: oiread is focal. Bheith ag ól leanna duibhe ní dhéanfadh ruainne leat i gcómhnáird lé beathuisce: a luighead díoghbhála. Níor fhág an deargán ruainne ar mo dhubhán .i. do sciob leis an baoite. Druid isteach ruainne beag eile sa leabaidh uaim: slighe bheag, bhíognach. Ná tair ruainne níos giorra dhom nó lámhachfad marbh thu: oiread is coiscéim. Ísligh an seól ruainne, tá an iomad anairte ar an mbád is an ghaoth ró-láidir: fíor-bheagán. Níor tugadh a shrón ruainne dho: ní bhfuair sé cead a chos ná a thola do thabhairt do. Níl aon ruainne aoirde ag éinne aca ar a chéile: ionann aoirde dhóibh. Ní chuirfeadh seisean ruainne as an slighe é féin d'éinne .i. luighead ciotaighe ní dhéanfadh sé dho féin.

ruainneach: *a.* guaireach, clúmhach, cealgach (gráineóg etc.), déanta de ruaimnigh. Dhéanfadh éan nead ina ucht, tá sé chómh ruainneach san aige: clúmh. Nuair éirigheann a cholg air bíonn ruibe ruainneach air .i. ina sheasamh mar bheadh guairidhe gráineóige. "Anairt mhaith, mhín den gcéad rith den líon is ainnir gan teimheal ina chlúid agat/ agus ó, a bhean tighe, cad é an brón bheadh ort?/ is ó, a bhean an tighe, dhá uair nó trí go gcroithfinn mo bhríste ruainnigh ort!" .i. déanta de chlúmh nó de ruaimnigh.

ruainneach: *b.2.* ruaimneach, clúmh, téadán déanta de ruaimnigh. An ruainneach ar chlé is an téadán ar dheis .i. sin é mar castar na cuir. Rith ruainnighe: lúb, súil rithte de mhuing nó d'earball capaill.

ruainneóg: *b.2.* blúire, cáithne, géire. Níor fhág na gamhna ruainneóg den mbairlín lé n-a chéile nár stracadar is stolladar as a chéile: blúire beag. Níl oiread (toirt) ruainneóige in aon ainmhidhe aca bheadh náire ort iad do bhreith ar aonach: iad an-sprionnlaithe maidir lé toirt. Thug sé fúm lé ruainneóig cloiche: cloichín éadtrom. Bailigh na ruainneóga san den úrlár is caith 'on bhosca iad: brúscar. Bheadh truagh agat do an ruainneóg chasóige a bhí air, an chuma dhealbh a thug sí air: truaillighthe. Dhein an ghaoth ruainneóga den seól: géiridheacha.

ruainnín: *f.4.* blúire beag, giota, géire. Dá mbeadh ruainnín aráin agus ruainnín ime, ní bheinn ag cáiseamh, mar is beag í m'fhoghail ar bhiadh: ádhbhairín. Druid isteach ruainnín uaim: ádhbhairín beag slighe. Táim ruainnín íseal, ní fhéadfainn é do shroicheamhaint is fiú amháin seasamh ar bharr mo chos: beagán. Déarfainn go raibh sé ar meisce ruainnín: oiread is go n-aithneófí.

ruainnseachán: *f.1.* snáithínín, ribín. Meas ag teacht aige air féin go bhfuil ruainnseacháin ag teacht ar a bhéal uachtair: gobadh beag croimbéil. Budh dhóigh leat gur ruainnseacháin na féitheanna beaga atá ina ghéagaibh: snáithínidhe caola, laga.

ruaircín: *f.4.* casadh dealbha, cuach casta; ceal sínthe is seartha i dtéid nó i súgán nuadh-dhéanta. Ar chur an daradha 'on tsáile thagadh ruaircínidhe ann mar nár baineadh an casadh as: snaidhmeacha craptha a chuireadh in achrann é. Tairng an téad id dhiaidh ar an mbóthar go n-imthighidh na ruaircínidhe aiste: na cuir chraptha. Nuair budh dhóigh leat duine aca san do bheith agat is amhlaidh bheidís na céadta mílte uait, tá ruaircín éigin ina n-inchinn: aiteas: neambuaine: obanntacht meóin.

ruais: *b.2.* luaith-inntineacht, luath-aigeantacht, obanntacht, mío-chómhnaidhtheacht, ríogaidheacht, guagacht, neamh-stuidéar, míochoingheall, suaibhreóiseacht; duine a bhíos ruaiseach. An ruais sin! é siúd do phósadh! cá bhfios di sin cad é a haigne ó mhaidean go hoidhche: cailín luaith-intinneach. Ruais dhuine seadh é, indé raghadh sé fén roth dhuit, indiu theichfeadh sé uait: duine ná fanfadh a aigne aon fhaid ar aon rud. Tagadh stuidéar éigin ionat, ná bí id ruais ar feadh do shaoghail ag imtheacht ó áit go háit gan lonnughadh fút: duine nách eól do cá cóir do sos nó stuidéar do dhéanamh. B'fhearr dhuit ciall do ghlacadh is gan bheith id ruais ráfla ó bhaile go baile: gleóthán neamhstuidéartha. A ruais, conghaibh snaidhm ar do bhéal is ná bí ag déanamh gealbháin gleóidh díot féin ameasc daoine: éadtromán, guaigín. Dá me thu ní dhéanfainn talamh slán de n-a abrann sé, níl sé glan ar an ruais: tréith a aigne athrughadh go grod gan choinne. Ní scarfaidh an ruais choidhche leis, ní hí an chuideachta atá anois aige a bheadh tráthnóna: ar nós an pheidhleacáin ó thor tor: neambuaine aigne.

ruaiseach: *a.* luaith-intinneach, guagach, ceann-uaiscneach, neamhthuiseach, neamhchómhnaidhtheach, ríogach, grogach, mío-choingheallach. Ní tugtar aon rud dearbhtha ná dáiríreach lé déanamh do, ar eagla ablála do dhéanamh de, tá sé ró-ruaiseach, ní fhéadfí seasamh air: guagach, neamhstuidéartha: aigne ró-reathach aige. Ná bí ró-ruaiseach anois, beir fada go fóill air go mínighead gach aonnidh dhuit sara dtosnuighir ar ruainne beag do dhéanamh: ruathaireach, ceann-uaiscneach. Do labhrais ró-ruaiseach leis an nduine sin ar mhaithe leat do bhí sé nuair theastuigh uaidh na rudaidhe sin do mhíniughadh dhuit, ach dar leat-sa gurb amhlaidh a bhí sé ag múineadh do chúraim duit: obann id thuairm. Ná bí ruaiseach anois, toisc ná taidhbhsigheann sé chómh bog lé déanamh duit: ná cúl: grogach: idir dhá inntin tabhairt fé nó cúbadh. Ní raghadh aon rud amudha ort, mar ná fuil aon cheal eólais ort mara mbeadh thu do bheith ruaiseach: neamhchúramach, neamh-aireach. Chuirfinn oiread muinghine asat is chuireann an seanfhocal as an mbata lobhtha, t'aigne ruaiseach a chuireann amhras ag daoinibh ort: cealgach: mealltach. Níl aon ghnóth ag seanduine mar é de mhnaoi ruaisigh mar í ná fuil dhá thaidhbhreamh di ach siamsa is caitheamh aimsire: aorach,

neamhstuidéartha: bean a fhánuigheas fo-uair. Aodhaire ná cuibhreach ní chongaibheóchadh an bhó ruaiseach san as choirce na gcómharsan: foghlach. Má leanair de bheith chómh ruaiseach agus taoi gheóbhair an taobh amuigh den ndoras, tá iomchar an achrainn fút: clamprach, neamhshuaimhneasach. B'olc an rud é, dá mb'fhíor é, dréir na bpáipéar is lucht seanmóintighe go raibh an t-aos óg chómh ruaiseach san: claon lé peachamhlachta na drúise. An bhean a bhíos ruaiseach díolann as .i. a bhíos tugtha don gconntabhairt.

ruaiseacht: *b.3.* luaith-inntineacht, guagacht, neamhthuiseacht, neamhchómhnaidhtheacht, mío-choingheallacht, fealltamhlacht, fánaidheacht, clampracht, achrannacht, claontacht. B'eól dom cad bhí im chóir, nár bh'aon fhear ar a fhocal é, níor bh'é sin an chéad uair go raibh tástáil agam ar a ruaiseacht: athrughadh inntine. Ní chuireann éinne aon iontaoibh as, toisc a ruaiseacht, ní uair ná dhó atá feallta aige ar dhaoinibh: neambuaine geallamhna nó rúin. Ní chríochnóchadh sé aon obair lé n-a ruaiseacht, pé iomard atá air, ar an uain is gnóthaighe bheadh sé sin é uair díreach d'éireóchadh sé as: gan aon luighe do bheith aige le beart réidh, chríochnuighthe do dhéanamh d'aonnidh. Ní fheadair éinne ach Dia cad déarfadh sí, bhrisfeadh an ruaiseacht amach aon am ann: an ghuagacht inntine. An ruaiseacht atá ghod dhalladh-sa nuair bhíonn aonnidh ar siubhal agat go néinir lat leidhbhe dhe: neamh-chúramacht: ceal aire: fánaidheacht aigne. Chuirfeadh sé iongadh orm é do thabhairt oiread agus mí amháin ar aon rud, ní leigfeadh an ruaiseacht do é: an leagadh lé fánaidheacht atá geinte ann. Tá toradh a ruaiseachta ag an gcailín mbocht, leanbh toghartha aice: a súgradh léi leis an rud toirmeasctha. Bíonn ruaiseacht éigin ar bun sa tigh tábhairne céadna, is annamh lá cúirte ná bíonn gearán ina choinnibh: mí-iomchar: clampar. Ní raghfá ón ruaiseacht, nách minic minic é toirmiscighthe agam ort fanacht ó dhroch-chuideachtaidhibh .i. bheadh sé de dhíth-chéille ort bheith ag teangmháil leis an dteine. Beagán eólais ar mhórán nidh aige, gan cruinn-eólas ar aon rud áirighthe, lé n-a ruaiseacht ní chaitheadh sé ach seal ag gabháil d'aon rud: guagacht aigne: ceal daingneachta rúin. Bhíos ar chipínidhibh faid bhí sé ag cainnt, eagla mo chroidhe orm go scaoilfeadh a chuid ruaiseachta rud éigin chughainn ná réidhteóchadh go ró-mhaith, lé daoinibh dá raibh láithreach: tréith na fánaidheachta aigne ná beadh aon teóra ná deallramh léi mar chainnt.

ruaiseóg: *b.2.* baineannach cheann-uaiscneach. Déarfadh nó dhéanfadh an ruaiseóg san an chéad rud a thiocfadh ina ceann gan an dara ceapadh: duine gan puinn fuaimeanta. Mo ruaiseóg mhná-sa téigheann agus ceannuigheann nidhthe ná teastuigheann uainn in ao'chor agus go daor leis: bean gan ruainne saoghaltachta.

ruaisidheacht: *b.3.* ruathaireacht; mío-chómhnaidhtheacht, guagacht. Laiteann sé é féin i gcómhnaidhe, díreach nuair bhíonn ag éirghe leis, deineann botún éigin lé ruaisidheacht – rud gan fuaimeant, gan chall: ceal mór daingneacht aigne. Briolla-bhrealla chainnte aice nuair budh chóir di éisteacht, ós rud é go mbíonn a fhios aice gurb eadh ach an ruaisidheacht a bheith ag gabháil lastuas di: ceal fuaimeanta: aiteas aigne.

ruamáile: *b.4.* an líneáil gorm a bhailigheas ar uachtar uisce láithrigh.

ruamnadh: *f.* (*-manta*) do dheargadh; deirgeacht; luisne. D'fhaireas an ghrian ag ruamnadh is í ag dul fé, casán drithlíneach dearg ar uachtar na mara ó bhun na spéarach aniar adtuaidh isteach go bun na faille mar a rabhas im shuidhe: dath croidhearg ag teacht uirthi. An ólachán a chuir an ruamnadh ina cheannaghthaibh? budh dhóigh leat gur pota fola do caithfí air: an deirgeacht. Lé buile feirge bhí ruamnadh ina aghaidh go mbainfeadh dealg spionáin fuil aiste: lastacht fola croidheirge.

ruamtha: *a.r.* dearg, dathuighthe dearg. An aghaidh ruamtha atá air ó bheith ag ól, níl aon chuma nádúrtha uirthi: borrtha, croidhearg.

ruathaire: *f.4.* duine lasánta, gan foidhne ná faidtheallaidheacht, duine gan fód, teichmheach. Aon nath ag an ruathaire sin pé rud a thiocfadh ina cheann do dhéanamh gan machtnamh ath-uaire do dhéanamh air: duine ceann-uaiscneach, gan oiread fóid air is go bhféachfadh roimis. Bhuailfeadh an ruathaire sin thu gan chúis aige ort ná coinne agat leis: duine ná déineann léir-mhachtnamh ar an rud a níonn sé. Bog, breágh léd láimh, a ruathaire: duine gur cuma leis ach ropadh roimis. Déanfaidh sibh ruathaire díom sara stadaidh sibh, ná bídh ghom shuathadh: duine a dhéanfadh rud gan leigheas aige air. An ruathaire sin! ná creid focal uaidh; níor thug sé an cúnntas ina cheart leis: gan fód, gan fuaimeant. Dá bhfaghadh seisean a shaidhbhreas ní fhéadfadh sé fanacht in aon áit, níl ann ach ruathaire: duine gan stuidéar. Níor bh'fhearra dhuit rud do dhéanfá ná gan é do chur ar an dteachtaire sin, níl ann ach ruathaire is dearmhadfaidh leath ar chuiris ar a shúilibh do: gan aon innitheamh in ao'chor ann. Ruathaire capaill ná fuil go maith chun treabhtha: neamhshocair. Ruathaire scríobhnóra seadh é, ní hinspéise liom aon rud a scríobhann sé: ná fuil doimhin: neamhstuamdha. Fan socair sa dréimire, a ruathaire, nó anuas leis fút: duine ná fuil d'fhód air aire do thabhairt do féin. Chuir ruathaire cloiche ar an mbóthar goin im rothar: cloch reatha. Pé ruathaire práta d'fhan ar an ithir in ár ndiaidh bailigh é: práta fáin. Ná bí id ruathaire anois agus toigh feighre maith bróg: duine mear-dhána.

ruathaireacht: *b.3.* neamh-shocracht, guagacht, fánaidheacht, dánaidheacht, lasántacht, obannacht. Níor scarais riamh leis an ruathaireacht, ná raibh a fhios agam go labharfá pé dochar a dhéanfadh sé dhuit: mío-rothag: ropantacht. Ruathaireacht is fearr atá ar eólas agat, is ní claoidhe léd gnóth, an ndeárnais lá oibre riamh?: fánaidheacht: gabháil tímcheall is séanadh oibre. An méid sin den ruathaireacht ní raghadh uait gan labhairt lé mnaoi nách aithnid duit?: guagacht: neamh-stuidéar incheann. Aon rian ruathaireachta ní theastuigheann ón dtábhairneóir seo ar eagla na bpóilínidhe do tharrac air, ciúnas is deoch atá uaidh: aon tsaghas mí-iomchair budh bhun lé clampar. Ní fhéadfadh sé fanacht lé deireadh a bheith ráidhte leis ná preabann sé is colg air lé barr ruathaireachta: lasántacht ná féadfadh a smachtughadh. Ar fuaid na Mumhan ar fad gheobhair tuinncéiridhe mar iad san lé ruathaireacht gan a gcómhnaidhe puinn in aon bhall: fánaidheacht.

ruathar: *f.1.* briseadh agus teicheadh; ionnsaidhe, taom, sciúird, eitim, ionnradh; caitheamh, teilg, fogha. Éiligheann na Rúiseánaigh go bhfuil na Gearmánaigh ruaigthe aca as Rostabh agus iad ina ruathar siar ón gcathair, cuirp, armáil is lón dhá bhfágaint ina ndiaidh aca: an briseadh is an teicheadh curtha ortha. D'ionnsaidh an t-arm na fallaidhe ina ruathar: fobha obann, láidir, mear. Cad é an mhaith an ruathar do chur air nuair

fhilleann sé airís is airís: teicheadh. Is minic ruathar tugtha treasna na teórann ón tSín 'on Rúis ges na Seapánaigh más fíor: ropadh nó sáthadh isteach. Ghluais an fharraige ina brúcht ruathair an cuan isteach gur dhóigh leat go múchfadh sí an talamh tirim: bolg tolgach, fuinneamhail. De dhruim an cheanna gluaiseann an taoide ina ruathar guairneánach ar dearg-fhliuchadh go scannróchadh a fuinneamh an t-anam ionat: ina lán-rith neartmhar. Thug an fliú ruathar orm, ruathar gur d'fhóbair a chuireadh deireadh lém laetheanntaibh beatha: sciúird. Gach ruathar dá dtugtí ar Chorca Dhuibhne árduightí chun siubhail an stoc: deintí a creachadh. Mara mbeadh an capall d'imtheacht ar ruathar bheadh gach aon dul aige go mbuaidhfeadh sé: imtheacht as an gcúrsa. Chuir garsúin gan chiall an bhaile ruathar cloch lastuas den mbacach bhocht, ghá dhíbirt ón áit: cioth cloch: brat cloch a teilgeadh leis. Ná himthigh id ruathar in ao'chor, tá gnóth beag eile fós agam-sa dhíot: fé fhuadar deabhaidh. Tabhair ruathar eile ar do chorrán leis an rásúir, níl sé ró-scriosta ar fad: iarracht thapaidh. Is iomdha san ruathar seasta ged chnuga, a charraig: tulcaidhe móra, troma farraige ghot ionnsaidhe is ghá mbriseadh féin ort. Bhí amhras aige go mbíodh an fear eile ag tabhairt ruathair ar a mhnaoi in uaigneas air agus thug sé iarracht ar bhreith sa bhfoghail air: ghá fiosrughadh is ag cur aithne uirthi. Meidhill beó ní mhairfeadh ar an sráid ag an ruathar urchar a scuab tríthe anuas: mórchuid dhá scaoileadh in aonfheacht. Ní filleadh dhéanfaidh sé choidhche airís ó cuireadh an ruathar air: chun bóthair é dá aindeóin. Ar mhaith leat mo thuairm-se ort? go bhfuilir id ruathar chun an diabhail: ag gluaiseacht go mear sa treó san. Cuireann na piléir go léir ag an lucht fiadhaigh an ruathar ar na héanlaithibh go háit éigin níos suaimhneasaighe is níos iargcúlta 'ná é seo. Seo chugham é ar a chroma-ruathar an bóthar aníos: ag gluaiseacht go mear is a cheann fé. Cuirfear an dearg-ruathar amach as an bparróiste ort má fhaightear amach cad tá déanta agat ar na daoinibh: ruaigfear thu, is má fantar air sin is ceart duit do bheith buidheach. Gan aon choinne agam leis d'éirigh dhá thaobh an tighe chun a chéile ina ruathar chun troda: gach taobh aca ina dhíorma. Fógradh orm tosach na nadhbhóige do chongbháil sa ruathar: an fharraige tholgach a bhí ag déanamh uirthi. "Ag tabhairt ruathar árd ar shluaightibh namhad/ is cuanta trágha ar lasadh aca, etc.": gá mbascadh is ghá gcur ar teicheadh. Sin é an ruathar cloiche is sia a chuir éinne a bhí suas annso riamh: caitheamh. Níl tigh ar an mbaile ná go bhfuil slinn fuaduighthe, cá ngeóbhadh ruathar na hoidhche airéir?: eascal, stoirm. Nár leigidh Dia aon ruathar choidhche ort: ionnsaidhe breoidhteachta ná aon rud a dhéanfadh díth dhuit. Budh gheairrid an mhoill ar ruathar farraige an chéidh sin do stracadh as a chéile: ionnsaidhe farraige truime.

ruatharach: *a.* tugtha d'fhánaidheacht, fogha do thabhairt, dul i bhfoghail, teilgeach, etc. Gluaiseann tuiltidheacha an gheimhridh go ruatharach anuas taobh na gcnoc is scuabaid idir fhód, chré, mhóin is charraig rómpa: fuinneamhail, tréan. Nách ruatharach ataoi ag cur díot? budh dhóigh lé duine ort gur rud éigin a bhí goidte agat! ar an ndeabhadh atá fút: go fotharagach: lán-deithneasach. Tonnta ruatharacha a chuireadh bóirneacha ag rothláil soir siar is a chuir farraige cháithte anáirde sa spéir ar bhualadh i gcoinnibh talmhan dóibh!: a ghluaiseadh lé fuinneamh is foirneart. Na laetheanta so tá na cómhchómhairceóiridhe go fiadhain-ruatharach san Afraic Thuaidh: ag ionnsaidhe is ag briseadh isteach ar a chéile go dásachtach. Táir ró-ruatharach chun an tsaoghail, dhéanfadh leath an deabhaidh an gnóth dhuit: an iomad fuirse saoghaltachta ort. Ná bí ró-ruatharach orm anois agus déanfad i bhfad níos fearr – maoile is eaga is mó a oireann

dom: ná bí ró-dheifreach liom. Ná bí leath chómh ruatharach ag cainnt, seadh is soiléire labharfair, agus is mó agus is fearr a tuigfear thu: oiread fuadair úrlabhra.

ruatharbhach: *a.* corr-thónach, neamhstuidéartha, ruaiseach. D'aithneóchainn nuair ná beadh sé go maith bheadh sé chómh ruatharbhach san is ná féadfadh sé fanacht san ionad chéadna leathuairín: mío-shuaimhneasach. Ainmhidhe ruatharbhach seadh an girrfhiadh, bheadh sé ar an gcnoc so indiu is ar an gcnoc úd ambáireach: claon lé himrighe áite. Cá bhfuil an t-iasc is ruatharbhaighe 'ná scadán: aon nath aige teicheadh as áit má bhíonn an tóir air.

ruatharbhach: *f.1.* mío-shuaimhneas, ionnsaidhe, claon lé fánaidheacht. Pé ruatharbhach a bhí ar Sliocht Chobhthaigh an turus so ní fada d'fhanadar in ár measc: mío-shuaimhneas chun gluaiste. Ná bíodh an oiread san ruatharbhaigh, téighir chun suaimhnis, taithneóchaidh an chuideachta so leat: fonn bheith air gluaiseacht. Is í an chos i gcóir an anróidh agam í tugann galar éigin ruatharbhach uirthi, aon tsuaimhneas ní bhfaigheann sí - dathacha indiu, crampaidhe ambáireach: ionnsaidhe tinnis. An té go mbíonn an ruatharbhach geinte ann ní choingbheóchaidh fiadh-chapaill ó ghluaiseacht é: an chlaontacht lé fánaidheacht: éirim na himrighe.

rubáiste: *f.4.* trufais, roithleach, roide, brúscar. Caithtear rubáiste an bhaile sa latraigh seo, is a rian ar an áit an boladh atá uaidh: an fuighleach 'san brúscar .i. aon rud ná faightear gnóth de shean-bhranngóididhe, seanbhróga, áruistidhe briste, smearóididhe, páipéir is a liacht rud eile. Na faoilinn go priaclach ag lorg goblach ameasc rubáiste an bharra taoide: an raimh is eile do chaitheann an lán mara ann. Caith rubáiste an bhúird chun na muice: an méid brúscair bídh, etc. a bhíos ina fhuighleach.

rubhán: *f.1.* plannda aon chois go gceann mar tor, leathan íseal ar an dtalamh, bláth bhán nó gorm ar chois chaoil. Fásann cois farraige go mormhór i bhfaillteachaibh (statice arnuria). D'iarraidh a ghreama do choimeád ar rubhán .i. i gconntabhairt a thuitim.

rúbóg: *b.2.* cnapán mór, dlúimh. Tá rúbóg déanta di lé feóil: mortluighthe: í in aon tónóig amháin. Thug sé fúm lé rúbóg chloiche, dá mbuailfeadh me nár bh'fhearrde me go ceann tamaillín: cnapán maith mór. Thugas fé lé rúbóig .i. chaitheas urchar as mo ghlaic leis. Is dual dóibh bheith ina rúbógaibh ban um an dtaca so, ní haon leanbhaidhe anois iad: mná teanna, téagartha.

rúcach: *f.1.* éan mór dubh (cosamhail leis an bhfiach dubh) a ghnáthuigheas coillte is fothracha: sprionnlóir; búiste duine; duine gan aon teacht aniar; duine ná ainmhidhe cnámhach, lom. Caith oidhche i nDaingean Uí Chúise is má leigeann rúcaigh an Gharráin lé n-a n"grág" "grág" aon néall ort tá buaidh agat. Léan air, an rúcach, nách do-thuigseanta atá sé ná tabharfadh sé freagra béasamhail ar cheist bhéasamhail: búiste. Rúcach ina chroidhe é sin nár thug mír ná déirc riamh uaidh don té a bheadh ina ghábhtar: duine dúr, sprionnlaithe. An rúcach, ní fheicfeadh sé a chroidhe dá mbeadh sé ar a bhais aige: duine cumhang, coimeádach. Ná fanaimís ameasc na rúcach san, níl focal maith ná olc asta, budh dhóigh leat gur ceangailte den bhfalla do bhíodar: daoine gan sult

gan meidhir. Cad atá ionnaibh ach leanbhaidhe ar ghualainn na rúcach gcnámhach úd atá go hárd os chionn sé troighte: mór-chnámhach, lom, árd.

ruchall: *f.1.* laighncide, ceangal cos tosaigh, cuibhreach. Má leanair-se ded ruatharbhach cuirfead-sa ruchall fút a choingbheóchaidh socair thu: ceangal: déanfad rud éigin leat a bhainfeas det fhánaidheacht (ded bhóithribh) thu. Táir chómh saor lé teacht is imtheacht an lae, ní fheicim aon ruchall fút: aon chosc ar do ghluaiseacht. Cá bhfuil an ruchall ar fhear is ná pósfadh? .i. cosc ar leanamhaint den tslighe chaitheadh sé a shaoghal roimhe sin. Caithimís dínn ruchall na daoirse: ceangal. "Bead ag fágaint anois" – "níl aon ruchall fút" .i. is fada liom go bhfágair. "Ruchall" ar aon ainmhidhe idir an dá chois tosaigh, "buarach" ar chosaibh deiridh bó le linn a crúidhte, "crobh-nasc" ón gcois tosaigh (deas nó clé) go ceann, "laincide" (laincis) an ceangal fiar-threasna ó chois tosaigh go cois deiridh.

ruchall: *f.1.* stiall, stracadh, srannán báis. Chidheann tú an riasta san treasna a chorráin? ruchall cloidhimh do fuair sé annsan: stiall: gearradh. Gach aon deallramh, an duine bocht, gurb é sin ruchall an bháis ina scórnaigh: achrann is glór garg. Thug an long ruchall dá cliathán ar an gcarraig gur seo isteach an t-uisce ina bhróintibh: buille a réab an plannc innte.

rucht: *f.3.* cnead ghuaiseach, gnús, osnadh, uchbhádhadh, glór duabhaise, sceónghail, torannán. Ar gach céim do bhaineadh an t-ualach marbhthach rucht as an ainmhidhe bocht, budh dhóigh leat gur ag gearán a cháis do bheadh sé: cnead duaidh. B'fhearr leat bheith céad míle uaidh ná bheith ag éisteacht leis is gach aon rucht aige a chuirfeadh in iúil duit go raibh tinneas is duabhais air: cnead ghoirtightheach, osna dhiachaire. Gaibh agam, tá rucht im chliabhlach, rud éigin nár réidhtigh liom, is dócha: glór: sceónghail. Chuala go soiléir rucht tóirnighe i bhfad ó bhaile: fothram.

ruchtach: *a.* cneadach, gnúsach, tormánach, fothram. Chloisfeá ruchtach na gaoithe chughat tríd an gcoill go dtaidhbhseófí dhuit go raibh na crainn dhá stathadh aníos as a máithreachaibh: glór trom íseal cómhnaidhtheach. Thug sé an oidhche uile go léir ruchtach le tinneas gur thruagh Mhuire leat é: ag cneadaigh lé reacht tinnis.

ruchtghail: *b.3.* glórghail (chómhnaidhtheach), béiceach. An droch-chómhartha ar an gcapall ruchtghail do bheith ina chliabhlach?: sceónghail: rud éigin ag dul trí chéile ag déanamh glóir mar bheadh gluaiseacht uisce. Níor mhaith liom dul ar turus ró-fhada ar an sean-thrucaill seo ar an ruchtghail atá aice: tá sí i reachtaibh tuiteam as a chéile: béiceach dhuaibhseach ge n-a máillidhibh. Thógfadh sé do chroidhe agus shosfá annsúd mar bheifeá fé dhraoidheacht ag éisteacht lé ruchtghail cloch an chladaigh dhá rothladh síos suas an cuas ag an bhfarraige: an glór garg cómhnaidhtheach go néann sians de.

rud: *f.3.* imshníomh, buaidhreamh, truaighmhéil. Nách neamhnáireach, neamh-chraoscalach an duine é tar éis a bhfuil déanta aige ar na daoinibh níl aon rud air ina thaobh: aon chathughadh, aithreachas: imshníomh. Toisc doircheachta na hoidhche is oilceas an bhóthair tá rud orm tú bheith it aonar air: imshníomh. Cad é an saghas duine in ao'chor thu? an gcuireann aonnidh aon rud ort? bás nó mísheól nó buadhairt, nó aon rud

mar sin?: goilleamhaint, trí chéile, maoithneachas nó aon chorruighe mothála. Ná bíodh aon rud ort roim an mbás, gheóbham go léir é lá éigin, bíodh do mheisneach agat: imshníomh: doicheall. Tá rud orm go dtána ós rud é gur ciotaighe dhíbh é: aithreachas, buaidhreamh. Cuirir rud orm: goilleann t'iomchar orm, do chás, nó pé aiste atá ort ded dheóin nó det aindeóin. Is cuma cad a thárlóchadh duit ní thiocfadh rud air leat, tá sé chómh calcuighthe sin ina chroidhe: ní bheadh a bháidh leat mar gheall. Ón lá san amach go ndeárna sé an oiread san fill tháinig rud agam leis: col: d'iompuigheas ina choinnibh. Ní chuirfeadh sé cathughadh ná rud orm-sa dá mbaintí an dá chois anuas ón stúmpa dhíot: brón ná motháilt mhaoithneachais. Is cuma liom cad dhéanfá, ní thiocfadh aon rud agam leat, a ghrádh: col.

rud: *f.3.* nidh, earra, fola, cruth; cúrsa, ball (d'aonnidh). Chídhim rud rómham i bhfad ná féadaim do thabhairt chun cruinnis, an duine nó ainmhidhe é: cruth nó dealbh, beó. Rud trom a dhóthain seadh luaidh: "cruth": nidh. Brathaim rud éigin ar mo dhrom: is eól dom dúil éigin go bhfuil deilbh aice bheith ag teangmháil leis nó motháilt aige ar cheann éigin de shiansaibh na colna. Ní rud beag anois thu chun bheith ag pusghail: leanbh. Rud beag ag eisean duine do mharbhadh dá dtagadh an teadh ann: níor mhór an nath aige é, ní bheadh aon mhairg dhá chionn air. Dá mbeadh rud ort, b'shiúd é an fear a dhéanfadh do mhaitheas: mairg, brón, iomard etc. An rud is lugha liom do chonnac 'ná a chuala riamh duine ag tromaidheacht ar a chómharsain: cúrsa: a mhalairt sin ní fhéadfainn machtnamh air. Mara mbeadh go bhfaghann sé fo-rud lé déanamh bheadh an cúrsa go bocht aige: ádhbhar anois agus arís. Nách aindeis an rud d'imthigh air – a shúil do chailleamhaint: cúrsa: teangmháil a ghoileas air. Cá bhfuil rud is uathbhásaighe 'ná an cogadh so?: tárlachtaint, teangmháil, nidh. Níl an rud ruadh féin aige tar éis a ndeárna sé: faic in ao'chor. Sé saghas é go gcuirfeadh an rud ruadh id choinnibh é: an rud is lugha. Suim an roda ruaidh níor chuir sé ionam féin ná im iomard tar éis ar dheineas do: suim is lugha. Aon rud ach duine do mharbhadh, go saoraidh Dia sinn: aon tsaghas bearta eile. "Is milis an rud an t-anam", fanfad as an gconntabhairt: is ionmhain lé duine maireachtaint chómh fada is fhéadann sé. Is beag rud is buaine 'ná an duine dealbh do chídhfeá leis an súil nó do mhachtnófí san aigne. An rud is lugha ar domhan dhéanfadh sé díoghbháil dhuine chómh maith lé haonnidh eile: cúrsa ná cuirfí aon nath ann. Is é an rud céadna dhómh-sa é fanacht nó imtheacht, bead thíos leis ar aon tslighe: is ionann céaca dhom. Nuair bhíos im rud bheag deirtear go mbínn ag lógóireacht gan stad: im naoidheanán. Táir goirtighthe is rud .i. gan amhras air. Sin é agat é is rud .i. a leanas é. Beidh prátaidhe is rud againn chun dinnéir: a thuilleadh lé n-itheadh ina dteannta. Tá an bhleáigeárdaidheacht is rud ag baint riamh leis .i. ní féidir aon amhras do bheith air. Aimsir fhuar is rud .i. bhraithfeá go maith í. An rud ná déintear ar áis is minic a déintear ar éigean é: mara n-éirigheann beart linn lé hiarracht chirt mhacánta is minic a déintear fóirneart chun a gníomhtha. Níor beireadh chun dlighe ó shoin riamh é i bhfreagra ar an méid do chúbláil sé, ná ní dócha go dtabharfar anois, an rud a théigheas i bhfaid téigheann sé i bhfuaire: cúrsa a chuirtear ar gcúl is gnáthaighe ná tagann chun chríche choidhche. Dé beatha-sa (Dé do bheatha) is rud agat .i. fáilte rómhat bronntanas nó earra éigin do bheith agat. Is luachmhar an rud an t-anam mar adubhairt an táilliúir is é ag teicheadh ón nganndal .i. ní cóir beatha duine do chur i gconntabhairt dá luighead, ar eagla na heagla. An bhfuil aon rud ort is measa dhuit 'ná do chuid éadaigh?: faic ag déanamh buadhartha dhuit. Beidh a fhios agat beann do bheith agat air nó gan a bheith tabharfaidh súd rud duit .i. déanfaidh leat go ngoillfidh sé

ort. Déanfair rud maith fós lé cóngamh Dé, is é a fhuadar atá fút é: éacht go mbeifear ag cainnt air. Is deacair droch-rud do mharbhadh .i. an té gur taithighe leis an aindeise d'fhuilngeóchadh sé cuid mhór. Is maith an rud nár scaip an cogadh so go hÉirinn, bheadh marbhadh is aindeise ann: ádh dob eadh é. "Cad é an rud é sin?" – "an rud a bhíos ag ródáil na rudaidhe" .i. nách mór mar tá a fhios uait. An chómhairle is fearr a fuair duine riamh ní ghlacfadh sé í, ní dhéanfadh aon rud ort ach déanamh dá dheóintibh féin: an nidh a iarrfí air do dhéanamh ní dhéanfadh. Déin rud orm is ná habair a thuilleadh, tá go leór ráidhte cheana agat: tóg mo chómhairle is déin dá réir. Cad é mar rud duit do dhéanamh é? .i. budh cheart san do sheachaint. É ag caitheamh airgid go flúirseach indiu, cé chreidfeadh é? An rud is annamh is iongtach: teangmhas annamh. An rud is giorra is géire: an teangmhas nó an teangmháil ná maireann ach seal beag is í is mó a ghoilleas orainn. An rud ná caillteár gheibhtear é: deirtear so lé hiongadh mór ar fhagháil roda gan choinne (go hobann) a bheadh ar an bhfán is gan súil lé n-a fhagháil choidhche. "An rud a bhíonn bíonn sé": níl aon chinneadh ar an gcinneamhaint .i. an rud a bhíonn i ndán do dhuine ní féidir éalódh uaidh. Is ait an rud é déanamh é: nidh áirighthe lé machtnamh air. Sara mbím réidh leat tá rud eile lé rádh agam leat ná raghaidh síos go ró-mhaith leat: cúrsa eile lé cur in iúil duit. Cad iad na rudaidhe iad san i lár na páirce?: cruthanna neambeó nó a thaidhbhsigheann mar sin. Nách deas an rud é sin do dhéanamh (searbhas) .i. beart ghránda. Faigh mo rudaidhe as an seómra, is beam ag gluaiseacht linn: aistrighthe: earraidhe éagsamhla. Lá breágh ciúin ar an bhfarraige an rud ceart duit-se: a bheadh fíor-oireamhnach duit. Ar rud mhaith ní dhéanfainn duine do cháineadh .i. is fada go ndéanfainn a leithéid. Níl ionam ach sean-rud anois ní chuireann éinne aon tsuim ionam: duine gan bhrigh, gan fóghnamh. Ceannuigh sean-rud is beir gan aon rud .i. ní fiú rud gan mhaith do cheannach. Más rud é go mbíonn airgead agam cabharfad leat agus fáilte: blodh agus go mbíonn. Dá mbudh rud é go rángóchainn ann ní leigfinn d'éinne barra méire do bhualadh air: i gcás go mbeinn. Ní haon rud beag ná suarach é siúd agat .i. cúrsa (duine) an-thábhachtach. Dá mbeadh rud fé chloich agat gheóbhadh sé amach é .i. dá mhéid bheifeá d'iarraidh ceilt do dhéanamh air. Ná déin aon rud de sinn do chailleamhaint an ghreasa san, tiocfam suas fós: ná cuir aon tábhacht ann. A rud ghránda, budh cheart duit náire do bheith ort a leithéid do dhéanamh: duine táir. Má tá lochtaidhe féin air, rud bocht, grádhmhar seadh é, bheadh cion ag éinne air: duine geanamhail. Bíodh rud agat féin nó bí (déin) dhá éaghmais: ná bí ag lorg aonnidh ar éinne má fhéadair é do bheith agat in ao'chor .i. an lá bheir ag brath ar an bhfear thall beidh thiar ort. Is fuar an rud clú gan charaid: ní mór an sásamh do dhuine é. An t-airgead an rud: san againn bíonn gach nidh againn .i. is é is tábhachtaighe ar fad. Níor dhóichighde rud do ná fanacht sa bhaile: bheadh san i gceist chómh maith lé nidh ar bith eile. Níor dhóichighde rud ar domhan 'ná é do bháthadh mara dtugann sé aire dho féin: thuitfeadh sé amach gan choinne gan súil leis. Acht maidir lé rud mar thusa ní bheinn ag caitheamh m'aimsire leat: suarachán duine. An bhfuil aon rud sa tsiopa san ort?: fiacha. Is iomdha rud agam ort, ach nách maith liom a agairt ort: cúis. Éirigh, níl aon rud ort .i. gortughadh. Dá mbeadh aon rud id choinnibh aige dhuit níor mhaith an earra é: aon tsaghas cúise. Ní dhéanfadh an lá (duine, etc. etc.) aon rud cóir agus sin é crot atá air: ní raghaidh chun cinn go maith. Aon rud do dhéanfadh sé dhuit: chuirfeadh aon tsaghas comaoine ort dob fhéidir leis. "Cad dhéanfá as an scamall trom dubh san?" - "aon rud" .i. aon tátall ní fhéadfainn do bhaint as. Rud chun teine móin .i. teine do dhéanamh di. Ní rud lé n-itheadh atá uaim ach rud lé hól: ní biadh atá uaim ach deoch. Thairng sé amach a rud os

chómhair na ndaoine .i. a bhod. Leig liom an téad rud beag: blúirín. Cuir rud ar do cheann ón bhfuacht: clúdach. Deineadh rud mór, maith den iascach sa cheanntar ambliadhna: bhaineadar cuid mhaith airgid as. Má dhearbhuighid go rabhas rud as an slighe má labhras tarcuisneamhail, mo thuairm go bhfuil an ceart aca: go raibh an mí-cheart agam. B'fhéidir go múinfinn-se rud duit nár mhúin t'athair ná do mháthair (nár múineadh ar scoil) duit .i. béasa. Fógair 'on diabhal droch-rud do cheannach .i. ní fiú é é. Ag lorg fiche púnt orm atá sé, rud ná fuil agam. Cá bhfuairis an rud? (leamhas): nidh (duine etc.) suarach. An rud a leigeann duit leig do .i. ná bac cúrsaidhe ná baineann leat. Béarfad abhaile na bréagáin Nodlag so chun na rudaidhe beaga: leanbhaidhe. Rudaidhe leanbh ar fad atá dhá dhíol san earnáil seo: earraidhe oireamhnach dóibh. Dhearbhóchainn go bhfuil sé ag dul rud beag chun cinn: beagán chun tosaigh. Nílir ag dul i meádhachtaint rud dar liom: aon rian. Abradh sé nó ná habradh sé é, pé rud ar domhan é tá sé curtha air: mar sin féin. Ná bí ag gearán ach go háirighthe, tá rud maith agat-sa dá bharr: tá a thairbhe go maith agat. An rud do chidheann an leanbh ghníonn an leanbh: aon nidh a thagas fé amharc a shúl. Caithfir stad, a bhuachaill, an rud nách féidir ní féidir é: an gníomh ná bíonn soi-dhéanta cá maith a thástáil? Mura bhfuil rud agat féin tabhair do bholg leis an ngréin: níor bh'fhearra dhuit a dhéanamh ná síneadh siar seachas bheith ag brath ar an bhfear thall. An rud a bhfearra dhuit anois – stad! .i. cómhairle mhaith. Scaoilfead chughat an rud atá ar m'intinn: san go bhfuil innitheamh m'aigne air. Is iomdha rud i gceann an duine: lán de smaointibh is de cheapadh. An rud a bheathóchadh duine is é mharbhóchadh duine eile. "Is mairg a leigeas an cogar ciúin/ ná a leigeas a rún lé mnaoi/ mar an rud a théigheann ó bheirt go triúr/ imthigheann súd ar fuaid an tsaoghail": scéal: eólas. Níor leath-rud leis a inghean do thabhairt i gcleamhnas duit mara bhfuilir (dar leis adeirim) maith a dóthain féin di dá mbeadh teacht isteach nó maoin agat .i. ní ghoillfeadh chómh mór air. Rud eile dhe ní theastuigheann uaim aon chonbharsáid do bheith agam leat: ina theannta san. D'fhágadar ina ndiaidh thu, ní fearra dhuit rud de: táir chómh maith as .i. níl aonnidh caillte agat leis. An rud nách fiú do lorg ní fiú é d'fhagháil .i. ní bhfaightear aonnidh gan iarraidh. Is maith an rud an fhoidhne ach is olc í an fhaillighe. Ní rud ar a anam san .i. peaca. Má tá an obair sin ar fad rómhat tá rud lé déanamh agat: saothar mór. "Deir T. go ndéanfadh sé féin go bog an cuan do shnámh" – "dhéanfadh – rud!" .i. ar a bhéal seadh. Fear gan rud anois seadh é .i. lag-bhríoghach chun oibre. Ós rud é gur fada ó bhuaileamair i gcuideachtain a chéile ólaimís sláinte a chéile .i. níor thárla de rud bheag is diail an ceól atá ann: maidir lé: nuair mheádhfá an méid sin. Ná leig aon rud ort, buail isteach agus coimeád do shúile is do chluasa ar oscailt: ná tuigidís as (ó) t'fhuadar ná t'imtheacht go bhfuil aonnidh ar bun agat. Ná bíodh aon rud ort scaoileadh fé: dochma. Ní raibh rud air nuair fuairtheas é ach mar tháinig sé ar an saoghal: balcais. "Cad a bhí ort nár phós í? ná fuil aithreachas ort?" – "tá san de rud orm": tá sé de bhrón orm nár phósas. Fuair sé, más fíor é, ar rud budh saoire ná san é: airgead áirighthe fé n-a bhun. Rud ar rud a bhriseann mo chroidhe: iomard ar mhuin iomaird. Nuair bhíonn an rud so is an rud úd chun duine is geairrid an mhoill air púnt do chaitheamh: scata go gcaithtear airgead ortha. Rud chun scríobhtha leis seadh peann: úirlis. Ní rud lé n-itheadh ná lé n-ól é is ní fuláir ná fuil sé chómh tairbheach san: earra, fola etc. Ag déanamh rud ort-sa is orm-sa is ar an bhfear thall in ionad rud do dhéanamh air féin d'fhág ar an bhfán é: a gcómhairle nó a dtoil. Cé hé Rud Ó Rudaidhe seo in aonfheacht leat?: duine go mbeadh dearmhad déanta ar a ainm agat. Táir rud as an slighe, ní déarfá san ina choinnibh dá mbeadh an aithne cheart agat air: dearmhad déanta agat id bharamhal. Táir

rud déidheannach, nách beag eagla ort go mbeidh milleán ort: ádhbhar: pas. An rud mí-chéadfadhach tar éis ar dheineas do bhí smailc is mío-ghnaoi air: duine nách féidir do shásamh. An té a thabharfadh rud dom thabharfainn rud do: maith ar mhaith. Rud gan deallramh é sin, ní chreidfeadh éinne beó é: scéal do-chreidte. Beidh sé ó rud go rud anois go mbéarfar sa bhfoghail sa deireadh air: ag déanamh gadaidheachta ar ghadaidheacht. Mo mhaisle ort mar rud, is tú go bhfuilim clipighthe agat is nách féidir liom aon tsásamh do bhaint díot: fola nó nidh éigin atá ag dul díom. An cuimhin leat an rud úd? .i. nuair nách mian lé duine ainm do chur air adeirtear so. Dearbhuighim nár dheineas aon rud leis, barra méire níor bhuaileas air, ná níor osclas mo bhéal air: nár dheineas díth dho ar aon tslighe. Maidir liom-sa dhe, tá mo chroidhe briste aige ó bheith ag tabhairt cómhairle dho; deineadh sé a rogha rud ar an aonach anois: leanadh sé a thoil féin.

ruga: *f.4.* brat olna etc. d'úrlár, mar chlúdach dos na cosaibh etc. Rugaidhe go flúirseach ar úrláraibh ann .i. áit sheascair, thaithneamhach.

rugaim: (**rugas**) *b.a. aimsir chaithte is gnáth-chaithte ar "beir"* iomcharaim, saoghaluighim, buadhaim. Rugamair an chraobh linn ar imirt ó Éirinn Uile: bhuadhamair: thugamair linn lé barr imeartha. Rug duine éigin leis an t-airgead, ní bhfaightear a thamhadh ná a thuairisc in aon áit: d'árduigh leis é. Ní rug éinne riamh an focal maith uaidh .i. níor buadhadh riamh in áiteamh air, nó níor leig sé easmailt lé neach. Rugas ar an mbreac is mó dá bhfeaca riamh san abhainn seo: d'iascuigheas agus ghreamuigheas. Ní rugadh fós ná ní dócha go mbéarfar ar an ndream a shladuigh an t-airgead: níor greamuigheadh iad. Ní rugas in ao'chor ortha bhíodar ró-mhaith sa choisidheacht dom: ní thána suas leo. Ní rugas ar an dtraen, bhí sí imthighthe nuair ránguigheas an stad: ní rabhas in am di. An lá díreach do rugadh me: saoghaluigheadh. Rugadh triúr clainne dhóibh: saoghaluigheadh: tháinig ar an saoghal chúcha. Rugamair an oidhche ar fad as ag imirt chártaidhe: chaitheamair. Rugadh i gcóir an iomaird é: bhí sé i ndán do riamh. Ní rugadh ná níor beathuigheadh riamh mac budh neamhthairbhighe dá mhuinntir 'ná é .i. ní raibh ann. Ní rugadh leat bheith it fhear chómh maith liom-sa: níor saoghaluigheadh leat é: níl sé de mhianach ionat. Ní rugadh a mhalairt (sprionnlaitheacht etc.) leis: níor geineadh ann é: is mar sin budh dhual do bheith. Rugadh amuigh an uair úd ort, a bhuachaill, nuair imthigh an rith focail ort: cuireadh do dhearmhad in iúil ort. Ní rugadh do an ceart do dhéanamh, nách mór an t-iomard ó Dhia air é: níl san de bhuidheachas ag Dia air: níor ceapadh do. Rugadh do, má rugadh d'éinne riamh, féith na féile do bheith ann: gealladh san do: bhí san geinte ann ó phréimh amach. Rugadh chun clampair thu. An raghaidh aon athrughadh choidhche ort? .i. tá sé de mhianach ionat. Rug sé na cosa tamall maith leis .i. níor gabhadh é: mhair sé i bhfad nó ní tháinig aicíd, etc., air. Rugas buaidh .i. sharuigheas ar gach éinne. Rug sé buaidh ar scríobhnóireacht: tá sé go hiongtach. Rug an oidhche air: thuit sí air.

ruibh: *b.2.* dúil neamh-mhiotalach, téadhbhuidhe, ionlasta, criostalach go dtagann lasair ghorm as, cuirtear ar lasánaibh í; malluightheacht, nimhneacht. "Ar an gcionntach fearfaidh sé paintéar, tineadh agus ruibh agus anfa theinntidhe budh é seo cómhbhróin a gcopáin" (Sailm XI. 6). "Agus gheóbhaidh na daoine meathtacha...a gcuid sa loch atá ar dearg-lasadh do theine agus do ruibh noch is dara bás ann" (Taisb. XXI. 8): den earra uathbhásaigh seo. Tá na daoine leathta ag an aimsir, tá ruibh uirthe: nimh lé fuacht agus

duibheaca. Féachaint cham ní fhéadfá do thabhairt ar an bhfear san, tá an ruibh air: tá sé ar scéitheachtaint lé malluightheacht.

ruibhneach: *a.* géar. A shúil ruibhneach ná taithnigheann liom. Tá mioscas is diablaidheacht ina chodladh innte: géar, rinn .i .a gheobhadh siar 'saniar tríot.

ruicne: *b.4.* mór-chuid roc, claontacht lé rocaibh. Chuir sé ruicne ina éadan mar dhéanfadh duine a bheadh ag machtnamh go doimhin. Chruinnigh sé an cneas ina n-iomairidhibh beaga. Tiocfaidh ruicne id thriubhas má thugair droich-ionnramháil do: crapfaidh sé. Ruicne leis an aois ina lámhaibh is ina aghaidh: an croiceann tútach ar a chéile ortha.

ruicneach: *a.* crapuighthe, riastach, rocach. Tá do chasóg ruicneach ó bheith suidhte uirthi: tútacht is crapuightheacht tagtha innte. An muineál ruicneach atá air, cómhartha nirt, a bhuachaill: reamhar riastach, an croiceann bailighthe ar a chéile mar bheadh drithlidhe beaga. Cuirfead ceann stáin ruicnigh ar an mbothán so: ruic fhada is claiseacha eatartha.

rúid: *b.2.* caitheamh nó teilgean obann, láidir, léim, sáthadh, fogha. Rug sé ar a bpláta is a raibh air agus thug sé rúid an doras amach do lé gráin air: caitheamh lé binb. "Is maith an rúid í sin", deirtear, nuair tugtar caitheamh maith do rud. Thug sé rúid den leabhar fúm (orm): theilg sé orm é. Thug an coirceach malluighthe rúid dá cosaibh deiridh dom a thóg glan den dtalamh me: speach ruibhe. Thug sé rúid dá bhróig dom nuair ná féadfadh sé faic eile do dhéanamh: stiall. Chuaidh sé de rúid thar falla isteach: do léim sé go héascaidh tharais. Gan aon choinne agam leis tháinig an bhró fharraige de rúid orm: ina tulca tapaidh. Thugadar rúid is dhá rúid an liathróid do chur trí bhéal an bháide ach do theip ortha: fogha. Níor thaithnigh an rúid sin leat?: cainnt ghonta. B'iongtach an rúid í an gleann san do léimeadh: gníomh lútha. Tugaimís rúid ortha, b'fhéidir go mbogaimís as a n-ionad iad: fogha foirtil.

rúideadh: *f.* (*-dte*) caitheamh, teilgean. Na laetheanta so atá na cómhaircidhthe ag rúideadh philéar go fíochmhar, fiadhain lé chéile i ngainnimh-fhásaigh Libia, lé laetheanntaibh níor shosadar: ag caitheamh. Cuireadh an dlighe orm i dtaobh bheith ag rúideadh chloch ar fhuinneóig tighe iasachta: ag caitheamh. Ná bí it amadán ag rúideadh do chod airgid mar sin uait ar gach éinne a bhuaileas: ghá chaitheamh gan chiall. Ag rúideadh na líonta i bhfarraige d'iarraidh na rátha éisc do shárughadh: ghá gcaitheamh go mear, tapaidh. Ag rúideadh chré ar an iomaire: ghá caitheamh gan féachaint puinn cá raghadh sí. Aon lag ní dheaghaidh air ach ag rúideadh cheisteanna orm: ag teilgean .i. níor thúisce ceann chugham ná ceann ina diaidh. An dá luing ag rúideadh ar a chéile go raibh an t-urchar déidheannach caithte aca: ag rúscadh a chéile: ag scaoileadh piléar. Bí ag rúideadh leat: ag leanamhaint den rud atá ar siubhal. Ag rúideadh dhiabhal is chrístínidhe liom: ag eascainghidhe ar dalladh. Bíodh sé ag rúideadh leis ní chuirim aon nath ina ghlór: ag cur as chómh tréan agus is féidir leis. Sin an-rúideadh tugtha agat do: súnc: buille cainnte. Is iongtach an rúideadh piléar do chur i dtalamh anall ar fad ón bhFrainnc: an teilgean. Beidh an chóir (ghaoithe) seo ag rúideadh gach aon tsaghas raice chun na talmhan roimpe: ghá caitheamh lé neart. Tú do rúideadh tríd an bhfuinneóig do

déanfí gan a iarraidh ort fágaint acht an oiread: do theilgean go neamh-mhothalach. Bheadh san ag rúideadh chártaidhe uaidh go maidean: ghá gcaitheamh uaidh is ag buadhachtaint leó. Caith an téad san thar falla má tá rúideadh maith agat: cómhacht ina cur i bhfad. Tar éis mo rúidte as an dtigh ní rabhthas sásta gan fios do chur chun mo thógtha: me do chaitheamh amach lé fóirneart. Tú do rúideadh budh cheart: do dhíbirt ar bhior do chinn. Fuair sé rúideadh ón ólaidhe gur cuireadh tirim ar an dtalamh é.

rúidéis: *b.2.* súgradh, teasbhach, meidhréis, girréis. Cuireann an spré mhór a fuair a mhac le n-a mhnaoi rúidéis air, ní bheidh aon cheal choidhche arís anois air: meidhréis: is soilbhre ina mheón é dá bharr. Dá mbeadh sé ar bheagán bídh is mórán oibre fé mar atá a lán daoine nách é, in ionad díomhaointis is potbhiathadh do bheith aige, d'imtheóchadh smut den rúidéis de: teasbhach, girréis croidhe. Ná bíodh mór-rúidéis ort i dtaobh an ghreasa san do bhuadhachtaint níl an cluiche thart fós: éirghe croidhe: teasbhach buaidhte. Tá an oiread san rúidéise ar na macaibh léighinn indiu tar éis an téarma a chríochnughadh go ndéanfaid suathadh ar an gcathair: fonn grinn is calláin. Bainfidh obair beagán den rúidéis díot, ní bheir ag imtheacht ag caitheamh do thóna chómh scléipeach: fonn teasbaigh.

ruidéiseach: *a.* girréis, cleasach, damhasach, teasbamhail. Níor bheag de ghreann leis an leanbh bheith ag súgradh leis an bpiscín ruidéiseach, ag léimeadh 'sag rothláil ar fuaid an teinnteáin: súgrach: lán de mheidhréis. Chuireadh sé taithneamh ar mo chroidhe na gamhna óga is huain maidean aoibhinn earraigh go rúidéiseach ar an bpáirc: ag damhas lé giodam. B'fhearr liom bheith eadraibh mara mbeadh sibh do bheith ró-ruidéiseach do dhuine dem aois-se, níl an lúth ná an mheidhir im chroidhe a bhíodh: girréiseach.

ruideóg: *b.2.* caitheamh maith fada, láidir, teilgeam, bocléim, fogha, iarracht bhuailte. Budh dhiail an ruideóg do an chloch do chaitheamh fiche troigh: caitheamh fuinneamhail. Gach aon ruideóg dhá bhaint as an móin aige, dar leat go gcuirfeadh sé thar portach í: teilgean lé píce. De ruideóig caitheadh an doras amach me: in aon teilgean dian amháin. An bhfuil ruideóg mhaith agat?: caitheamh maith fada léd ghéagaibh. Thug sé ruideóg fúm, ach theip ar me do bhualadh .i. chaith sé rud éigin liom. Fuaireas ruideóg de shean-bhróig aniar sa drom a bhain preab asam: buille is bróg dob eadh an t-urchar. Ruideóga farraige ag teacht ar an gcarraig, bonn ar bonn, is mo chroidhe im bhéal go scuabfí chun siubhail me: iarracht ar iarracht ghá bualadh. Chuireamair an doras tiar i ruideóig nuair chnag na gárdaidhe amuigh: de sciúird gluaiseachta. D'aon ruideóg amháin do shúncáil an "Biosmarc" an Húd: d'aon phílear amháin. Táinig ruideóg eile orm is me ar scáth an chlaidhe, dathad piléar in aonfheacht: cómh-chaitheamh urchar.

rúidim: *b.a.* caithim, teilgim, tárlacaim, diubhracaim. Rúideadh an doras amach me, ní raibh aon fháilte rómham ná roim mo leithéid aca: caitheadh amach me mar caithfí trufais éigin. Rúid agus rúid airís! tá an namhaid ag druideam linn: caithtear urchair. Rúid sé an leabhar go neambéasamhail as a láimh, budh dhóigh leat gur rud salach éigin é: chaith uaidh é i slighe gur chuma leis. Rúid cárta is coimeád cárta: imir (nuair bhíonn duine righin) más mithid. Rúideas as an slighe a dtáinig treasna orm agus ní háidhbhéis é sin: chaitheas i leathtaoibh as mo bhealach iad. Rúid leat, nár stadaidh ár ndícheall thu: lean ar an bhfuadar neamh-réidh atá fút. Sin é, rúid uait in aonfheacht iad: cuir a gcúram díot go

pras. Ná mairbh tú féin leis (ualach), rúid uait in aon áit annsan é: caith uait é gan bac do chonnus a thuitfidh sé. Droich-mhianach ceart an fear san rúidfeadh sé an rud budh ghiorra dho fhir dá mbudh scian é, leat: chaithfeadh is níor mhisde aige ná budh chuma leis tú do ghortughadh nó gan. Caitheadh amach é is rúideadh a chuid aistrighthe ina dhiaidh ar an sráid: teilgeadh le binb.

ruidín: *f.4.* rud beag, suarach, duine nó ainmhidhe meathluighthe; créatúir ionmhuin. Ruidín nádúrtha Máire: bean (cailín) bheag ghleóidhte, lághach. B'fhéidir go ndéanfá liom é nuair bhíos im ruidín ach ní dhéanfá anois: im leanbh beag. Ruidín suarach, sprionnlaithe seadh é gach aon lá riamh: duine beag gan mheas air féin. Ní dhéanfadh éinne a mhalairt díot ach ruidín salach, bheith ag cúlchainnt ar dhaoinibh: duine truaillighthe. Ruidín súghaidh ná feicfeadh a chroidhe dá mbeadh sé ar a bhais aige: truaghán gan speach gan croidhe aige.

rúid-léim: *b.2.* $_{7}$ *5.* léim ó sciúirse reatha; léim shanntach. Ní raibh ach aon dul suas amháin rúid-léim do thabhairt ar an scata a bhí bailighthe tímcheall ar mo pháirtidhe agus an talamh do thabhairt do chuid aca: léim is mo neart ar fad san ionnsaidhe. Is fada beifear ag trácht ar an rúid-léim a thug sé treasna an Ghleanna Deirg (Ghlinn): léim go raibh neart is fuinneamh léi.

rúid-léimeadh: *f.* (*-mthe*) léimeadh éascaidh, fuinneamhail. Na hóga ag rúid-léimeadh dhóibh féin amach fén mbán: ag rith 'sag léimeadh go seólta, lúthmhar.

rúinín: *f.4.* duine beag go mbeadh grádh agat nó dob ionmhuin leat. A rúinín mo chléibhe suidh taoibh liom go n-ólam braon: a chailín mo chroidhe. Nach í an rúinín í: an gearrchaile (cailín) beag séimh.

rúinneach: *f.1.* séithleach duine nó ainmhidhe. Ní thaithnigheann an rúinneach duine sin liom ar chlúdach an leabhair nuadh so, cuma an ocrais is na gorta air: séithleach: é seang, lom, ocrach. Tar éis ruathar na namhad treasna na dúthaighe ag léirscrios is ag dóghadh rómpa bhí na daoine ina rúinnigh dá ndeascaibh: caithte, seirgthe. Ní heól d'éinne atá suas ná do féin cad é an t-aos atá aige ach go bhfuil sé ina rúinneach: ina sheanduine lom, chaithte, chríon.

rúipéardach: *b.2.* bean chumasach, mhór, ghroidhe; bean bhorb. Dá ngabhadh an rúipéardach úd dá teangain ort, mar is faobhrach atá sí aice, níor bh'fhearrde thu go ceann i bhfad é: bean ná coigleóchadh an teanga ort. Thíos ná thuas níor fhág sí orm é le n-a teangain gur chuir sí allus tríom amach, an rúipéardach: báirseach. B'fhearr dhi rud éigin do dhéanamh dá teinnteán féin 'ná bheith ag imtheacht ina rúipéardach ar fuaid an bhaile: bean mhór, cleithire, a bheadh andhíomhaoin ar fad. D'iomcharóchadh an rúipéardach úd oiread le beirt fhear ar a drom: bean chnámhach, chumais.

ruipleachán: *f.1.* duine aindeis. Is amhlaidh ataoi sa tslighe orm, a ruipleacháin, ní haon chabhair atá agat dhá thabhairt dom: duine gan tapa. Ní fhéadfadh an ruipleachán san rámhaidheacht do dhéanamh, níl sé scaoilte a dhóthain as a ghéagaibh: duine mío-

thapaidh. Ní bheinn ag brath air mar ruipleachán, abláil a dhéanfadh sé: gan luas, gan cruinneas.

rúisc: *b.2.* stiall, léasadh, pleannc, rúideóg urchar, piléar; aon rud téagartha, tútach; búir, raille, sodamán, bathlach, lóma, brúid, daoiste; breim. D'fhás sí ina rúisc mhná lán d'fheóil is de neart: bean theann, láidir. Tá sé ina rúisc garsúin: garsún beathuighthe, láidir. Phós sé rúisc mhná ná nighfeadh léine is ná cuirfeadh greim fuaghála dhi: bean mhór, fheólmhar gan an iomad críche. Ná tabhair géilleadh don rúisc amadáin sin, cuireann sé a dhá oiread leis gach aonnidh a chloiseann sé: bathlach: tuathalachán gan géilleadh don bhfírinne. Aon bhaint ní bheadh agam leis (bí etc.) níl ann ach rúisc .i. rud bog gan mhaith. Nách neambéasach, mío-mhúinte an duine é do dhein sé rúisc i láthair na cuideachtan go léir: dhein sé breim. Beidh gach aon rúisc aige fén ualach lé strus: é ag breimnigh gan stad. Rúisceanna caorach nách mór go bhfuil ionta an tslighe do chur díobh lé feóil: caoirigh troma, beathuighthe. Dá mbuaileadh an rúisc chloiche me a ghaibh d'fhaobhar mo chluaise d'fhágfadh sí cimiar orm: cnapán téagartha. Rúisc uibh ag an gcirc nách mór toirt uibh lachan ann: ubh mór. Gach aon rúisc ges na gunnaidhibh móra ar feadh an lae ag caitheamh ar dhaingean an bhaile mhóir: pléasc bhéiceach. Fuair sé rúisc is rúisc do thabhairt do nuair bhíodh sé ar meisce tagarthach ach níor thug san aon chiall do, bhíodh sé chómh holc ina dhiaidh: stialláil. Táir chómh haindeis lé sean-rúisc agam: bean mhortluighthe. Rúisc d'órd ar an gcarraig: flíp throm.

rúisceach: (**rúisceamhail**) *a.* breimneach, ag briseadh gaoithe; fothromach. Gaoth rúisceach ná leigfeadh néall codlata ort .i. go raibh fothrom aice dhá bhaint as gach rud a bhí ina bealach. Deoch an-rúisceach ar dhaoinibh seadh leann dubh .i. cuireann sé ag briseadh gaoithe iad. Duine rúisceach .i. gur béas leis gaoth do bhriseadh.

rúiscim: (**rúscaim**) *b.a.* $_7$ *n-a.* buailim, stiallaim, léasaim, pleanncaim, réabaim, feannaim, dí-choirtighim, scúghaim; fúscaim, breimim. Chómh dearbhtha is tá gabhar i gCiarraighe má rúiscir arís, a bhleaigeáird, amach an doras leat: má bhreimir, má bhrisir gaoth. Deir na Rúiseasuigh gur rúscadar na Gearmánaigh amach as an gcathair tar éis catha fuiltigh: gur thiomáineadar ina ruaig. Dá bhfaghaimís laistigh de cheithre gheata an Daingin thu rúscfaimís as thu go tiugh, te: chuirfimís an teicheadh ort. "Is súgach do rúscfainn-se crón-phuic/ go humhal, tapa scópmhar lé piléir": chuirfinn ceathanna urchar gunna lastuas díobh. Rúsc lé clochaibh é: pleannc go dóighte é: caith mórchuid aca air. Nuair rúsc sé an liathróid chloisfeá an glór do bhain sé aiste: thug sé stiall chruaidh, láidir. Do rúsc na gabhair an slapair chrann a bhí tímcheall na hiothlann: bhaineadar an croiceann díobh. Ní fada an mhoill a bheidh ar an ím anois, rúscfam an mheadar ó thalamh: casfam go géar, láidir í. Chuireamair casadh san éadach chómh cruaidh sin gur rúscamair gach aon dil uisce as: gur fháisceamair. Tá an áit chómh bog san go rúisceann uisce aníos as an dtalamh ann: fúscann: tagann lé teannadh. Seachain tú féin ar an sean-mhiúil sin, nó má théighir ró-gheairrid di rúscfaidh sí thu: speachfaidh go malluighthe lé n-a cosaibh deiridh.

rúiscighthe: (**rúiscthe, rúsctha**) feannta, buailte, smísteálta, scúighte. Na tuigidhe go léir rúiscighthe ges na gabhair: an croiceann ithte aca dhíobh: lomtha. An namhaid rúiscighthe amach as an gcathair aca lé neart teineadh: tiománta. Leigtear do féin anois,

déarfainn go bhfuil sé rúsctha a dhóthain, go mbeidh cuimhne ge n-a asnadhachaibh tamall air: buailte, stiallálta.

rúiseach: *f.1.* Rúiseánach, duine leis an dtír sin, ag baint léi. Leitridheacht Rúiseach .i. na tíre. Na mílte milliún Rúiseach ag troid ar son a ndúthaighe. Tá long Rúiseach i ngabhann annso in Áth Cliath .i. a bhaineas leis an dtír.

ruisín: *f.4.* coill bheag; rinn thalmhan. Ruisín leathmhíle ar faid amach 'on chuan.

ruisne: *f.4.* min nó smúit mhín, an fola plúrach mín a thagas as bhláthannaibh. Budh bhreágh an mhin í roimis an gcogadh í chómh mín lé ruisne: an-mhín.

rúitín: *f.4.* an cnámh ailt, mudharlán, sprochaid bhog agus tor ruaimnighe air ar chúl coise an chapaill, díreach os chionn na crúibe, an nasc is giorra dho so sa chois. An áit chómh bog san go raghfá go rúitín ann sa láthaigh: go haltaibh. Níl aon bhaoghal ná go bhfuil rian a gcuid féaránach ortha, feóil go rúitín seadh iad .i. trom-chothuighthe. Congaibh an rúitín aige as so abhaile: ná leig uait é. An rúitín atá aice .i. cos mhaith bheathuighthe láidir. "Cad tá ar an gcapall go bhfuil sé bacach?" – "léim-rúitín do thug sé": baineadh preab as an gcois is leónadh na féitheanna. Tá cuma mhaith, láidir air, tá rúitínidhe maithe fé: cosa maithe. Rug sé ar rúitín uirthi .i. tímcheall an ailt. Rúitínidhe rocach ar mhéireanntaibh a ghéag: ailt mhóra, láidre. Thug mo chos léim-rúitín tar éis túirling den gclaidhe dhom: baineadh preab ghoirtightheach as m'alt.

rúitíneach: *a.* go rúitínidhibh taithigeacha. Méireannta rúitíneacha: mór-alt. Ní phósfadh sé í toisc í bheith chómh rúitíneach: reamhar tútach tímcheall alt a chos.

rúitíneach: *b.2.* galar a thagas ar rúitínidhibh caorach.

ruithne: *b.4.* gléire, léasmhaireacht, lonnradh, floscadh. An ruithne a tháinig ina ceannaghthaibh an túisce is dubharthas go raibh a fear saor: lasadh áthais. Ruithne na gréine ar an uisce budh chruaidh an croidhe ná cuirfeadh meidhir air: lonnradh. Cómh luath agus do hainmigheadh tu thabharfá fé ndeara an ruithne ann, pé ciall é, an amhlaidh atá eagla aige rómhat?: las sé: líonrith ag teacht ann. Cad chuir an ruithne it aghaidh? déarfainn go bhfuil cúis mhór áthais agat: an lonnradh: an deallramh geal soilbhir.

ruithneach: *a.* geal, lonnrach, gluardha, gléasmhar, drithlíneach. An ghrian ruithneach ag taithneamh ar an bhfarraige: lonnrach: lán de sholas: dath geal gléigeal ar an muir aice is í ag taidhbhseamh mar airgead leathta. Lasracha ruithneacha ag teacht as scáthghloinne an ghluaisteáin: an scáil mar bheadh ag léimrigh de. An ndearmhadfad choidhche siubhal thar an gConair aonaraigh i mí mhairbh na hoidhche leis an lán-ré ruithnigh, scáil ar uisce is ar charraig?: ré taithneamhach, lonnrach. Bíonn cruaidh shlíogtha ruithneach fé sholas .i. drithlíneach: scáilmhear.

ruithneacht: *f.2.* solasmhaireacht, lonnracht, deallradh, drithlíneacht. Dhall ruithneacht sholais an ghluaisteáin amach me, ní fheadar cad budh chóra dhom do dhéanamh, dul treasna an bhóthair nó filleadh: gluardhacht: gileacht do-fhulaing. Cuireann ruithneacht

an tsolais sin gan scáth ar mo shúilibh ag léigheamh: dem ró-neart. Is minic do dhall ruithneacht na gloine é, is ní hiad a shúile, leis, .i. an deoch dhrithlineach innte: scáil na spréach crón-dhearg innte. Ruithneacht ar an sioc fé ghréin na maidne .i. é ina dheóraibh geala ghlioscarnacha fén solas.

ruithneadh: *f.* (*-theanta*) lonnradh, glioscarnach, drithlíneacht, lasadh; solasmhaireacht, gluardhacht. I ruithneadh na gealaighe dob aoibhinn is budh dhiamhaire leat suidheamh na n-oileán, taidhbhseófí do dhuine gur radharc fé dhraoidheacht iad: gealas gléasmhar. An ghrian ag ruithneadh ar an loch, na céadta troigh fém bhun síos, budh dhóigh gur poll d'airgead leachta ar sámh-fhliuchaidh í: ag caitheamh spréacharnaghail sholais uaithi. Chidhfí gach cúinne den seómra lé ruithneadh na teineadh: drithlíneacht: an solas a chaitheadh a lasracha uatha. Ruithneadh na gréine, (na gealaighe): gealas. Claidhte ruitheanta .i. go mbeadh scáil fén solas ionta.

rum: *f. n-dh.* biotáille silte as shughlach géaruighthe an tsiúicre slat. Gloinne rum.

rúm: *f.3.* (*iol.* rúmanna) slighe úrláir; slighe fé leith i luing nó i mbád; roinnt de luing nó de bhád i gcóir lasta. Chuireamair dhá líon lán d'iasc san rúm láir: san gcuid láir den árus. Ní iomcharóchadh sí a thuilleadh sa rúm tosaigh: an áit is giorra do n-a tosach chun lasta. An rúm deiridh: an chuid iartharach. [Níor airigheas riamh "rúm" in ionad seómra (seámra), tabhair "rúm" dom ná aonnidh mar sin ach ag tagairt do luing nó do bhád amháin]. Is iomdha rúm innte: mórán slighe lasta.

rúmpa: *f.4.* an chuid fheólmhar den ndrom ag bun na fleisce os chionn na gcromán; de gnáth tón; na sliasta; an deireadh, dríodar. Fág an áit nó cuirfead-sa tinneas id rúmpa: tón .i. ní bheir buidheach díot féin. An oiread san struis oibre indiu air go mbeidh tinneas ina rúmpa um thráthnóna: dóthanach den lá. Is maith atá lasta sa rúmpa ag dul do (lé míchéadfadh): sa tóin. Léim sé thiar anáirde ar mo rúmpa: ar bhun droma orm. "Léan id rúmpa!" (lé míchéadfadh ceart): mí-rath ort. Stéig rúmpa dob fhearr liom: stiall mhairtfheóla de cheathramhain deiridh mairt. B'fhada ó bheith beathuighthe ná reamhar iad ná raibh rúmpa ortha: an dá chnámh cromáin lé tabhairt fé ndeara tríd an gcroiceann. Tá a lán lé déanamh agat, suidhte ar do rúmpa ó mhaidean go hoidhche: ar do thóin .i. díomhaoin glan. M'asal bocht gearrtha fé n-a chnámh rúmpa: fé n-a earball. Ag gabháil go neamh-thruaighmhéileach sa rúmpa air: tímcheall na gceathramhan. "Gheóbhadh Séamas lán a shaic ort" – "gheobhadh, a rúmpa thiar!": gheóbhadh agus a bhúndún .i. aon dul ní bheadh aige air. Ní rabhas in am don dtraen is fágadh ar mo rúmpa san áit mhillte, iargcúlta me go ceann lae eile .i. nár bh'fhéidir liom fágaint. Dá ndéineadh ainmhidhe foillsiughadh maith nirt déarfí, "ar do rúmpa é!": déanta go maith agat. Prioc an t-asal sa rúmpa: deireadh. Bainfear as do rúmpa é: obair chruaidh gan suaimhneas gan sos. Sin é! ná fágtar faic agam-sa ach an rúmpa dar ndóigh ní fiú me an méid sin: an chuid dheiridh d'ainmhidhe a bheadh dhá riar. Fágfaidh an biadh so rúmpa lom agat: beir seang, seirgthe ina dhiaidh.

rúmpach: *a.* seirgthe, lom, na cromáin go soiléir, séithleach, séaclach. Creatlach rúmpach a dhóthain atá aige tar éis an dubhluachair, sin iad na cromáin ag polladh an

chroicinn aige: séaclach, seirgthe. Bó, capall, asal etc. rúmpach .i. a bheadh caithte lom tímcheall na gceathramhan is na tóna.

rún: *f.1.* aon rud fé cheilt, fhasc, eólas ag duine nó fíor-bheagán nách leóimhte d'fhaisnéis, do nochtadh nó do leathadh; seicréid; rud príomháideach; bunadhas diamhair; mistéir, faisnéis nó eolas ar iontaoibh, claonadh intinn; ceapadh daingean, báidh, léith; grádh, leanán, gradam etc., rud nách féidir do thuigsint nó do mhíniughadh. Rún diamhair seadh saoghalughadh is bás .i. téigheann sé d'inchinn an duine iad do thuigsint – cá túis, cá triall. Rún na Croise .i. go bhfuil rud éigin ag baint leis nách féidir leis an inchinn do mhíniughadh dhúinn ach go bhfuil orainn a chreideamhaint mar mínightear ag úghdarás dlistinneach na heaglaise é. Sin é an t-aon duine dhíobh ná fuil aon eagla orm go ndéarfadh faic im choinnibh mar tá rún agam air: is eól dom nidh (nidhthe) ina thaobh nár thaithneamhach do, ná leis, do nochtadh. Tabhair do ghrádh dod mhnaoi, is do rún dod mháthair: is iontaoibhighe dhuit do mháthair aon lá 'ná do bhean dá ghiorracht duit í: gaol na gcnámh, rogha. Is críonna an duine a ghníos rún air féin: an té ná tugann a aigne d'éinne is ciallmhar é. Dá mbeadh rún agat air mar tá agam-sa seadh a déarfá gur bh'é an cladhaire: eólas ná fuil ag neach eile ach agam. Inneósad an fhírinne, ní dhéanfad rún d'aonnidh: ní choingbheóchad faic fé cheilt. Aithnighim ar dheallramh do chonntanóis go bhfuil rud éigin tar éis tárluighthe, ná bí ag déanamh rúin air uaim: ghá chlutharughadh: ghá cheilt. Ná déin rún lé héinne air – an rud go mbíonn a fhios ag beirt bíonn a fhios ag triúr, agus ag triúr ag an saoghal mór – agus is suaimhneasaighe a bheidh t'aigne. Ná hinnis d'éinne go fóill é, rud fé rún fós é .i. ná fuil lé leathadh ameasc daoine. Cuireadh leitir rúin chuige isteach 'on charcar go rabhthas ar tí iarracht do thabhairt ar a fhuascailt: leitir i ngan fhios don lucht ceannais. Teachtaireacht rúin atá scríobhtha annso – na focail is féidir liom do léigheamh, ach aon tuisgint ní féidir liom do bhaint asta: ró-dheacair a mhíniughadh cad ciall atá léi: diamhair. Níl aon mí-rún agam duit-se ná d'éinne eile; is fearr liom go mór do bhail: droch-aigne: aon rud im smaointibh a dhéanfadh dochar ná díth dhuit. B'é cómh-rún na beirte, cé nách mar a chéile do chuireadar rómpa é, é do mhealladh chun an dara hudhachta do dhéanamh: b'é an ceapadh céadna a bhí aca agus iad ag obair ag tacaidheacht lé chéile. Duine glic an bhean san, nár leig a rún riamh lé neach: nár chuir iontaoibh riamh in éinne fios a cúraim ná a gnótha do thabhairt do. Cuireadh ina rún orm é, agus mar sin ní nochtfainn do neach é: iarradh orm é do choimeád cluthair agam féin. "Cá bhfuil Proinsias anois?" – "á sin rún": sin rud nách eól d'éinne a scéidhfeadh air: éinne go bhfuil eólas aige air coingbheóchaidh sé dorcha é: luighfidh sé cos air. Is iomdha rún ar mo chroidhe-se: rudaidhe gur maith lé daoinibh a bhfios do bheith aca. Níl aon choimeád rúin ann: aon fholachas: ní fhéadfadh deiscréid do dhéanamh de rud. Ní cheileann meisce rún: an rud a bhíos in uaigneas in aigne dhuine, amach leis nuair bhíonn sé oltach. Rún tighe ar feadh i bhfad dob eadh é gur leanbh toghartha an mháthair .i. níor bh'eól do neach ach don líon tighe é. Ní haon scéal rúin atá dhá innsint agam air .i. is eól do chuid mhaith seachas mise. Ná déin namhaid ded rún .i. coingibh é ar eagla go ndéanfadh a nochtadh bascadh dhuit. Rún croidhe agam ón lá san amach díoghaltas do bheith agam ar an bhfear a mhill mo shaoghal lém mhnaoi: ceapadh daingean aigne. Ní hanois a fuaireas-sa amach go raibh rún mo dhíoghbhála agat, is fada dhá smaoineamh san agat: go raibh t'intinn ceapuighthe agat ar dhochar do dhéanamh dom. "Tá aigne agus rún diongmhálta agam gan tuiteam ann (peaca) as so suas agus an peaca is ócáididhe an pheaca do sheachaint go bráth airís": intinn láidir. "Tabhair do

sparán dod mhnaoi is do rún dod dhribhshír" .i. bíodh an bhreis iontaoibhe agat as do dhribhshír. Do rún dod dhribhsír is do stór dod mhnaoi .i. scar le haon rud sara scarair léd rún. Ní scéal fá rún is a fhios ag triúr .i. pé muinghin do bheadh agat as an dara duine ná bíodh muinghin ar bith agat as an dtríomhadh duine. "Rún caile go hiomcháin" .i. más mian leat í do scéitheachtaint ar aon rud crom ar í d'imdheargadh, innis mar rún do mhnaoi é .i. más mian leat an scéal do leathadh go fairsing. Ná leig do rún le claidhe go bhféachair ar an dtaobh thall .i. ní fhéadfá bheith aireach go leór ar rud deiscréideach. Níl aon lucht rúin aige, béarfaidh sé 'on chré leis a bhfuil d'fhios aige ar an gcúrsa: éinne gur leig sé eolas leis ina thaobh. Is agam-sa atá rún do chuid cleas-sa is ná tuig go n-éireóchaidh leat dallamallóg do bhualadh orm: fios cad tá ar t'intinn do dhéanamh.

rún-: *i gcfbh.* deiscréideach, diamhair, dorcha, foluighthe. Choidhche ní bheadh a fhios agat cad bheadh i rún-aigne dhaoine áirighthe, bíd chómh ceilteach cluthair sin 'e bhreis ar a thuilleadh: aigne ná scéidheann uirthi féin. "Cad a thug 'on dúthaigh é?" – "ní fheadar ná éinne eile ach é féin; tháinig sé ar rún-aistear: turus nách eól d'éinne a thoisc ach é féin. B'fhada roime sin do bhí rún-acht idir an dá dhúthaigh dul i gcabhair a chéile nuair bhéarfadh cruaidh ar cheachtar aca: aontadh agus margadh nár bh'eól acht dóibh féin. Istigh i gcroidhe na cathrach móire longuigheadh sé i rún-árus ná fuairtheas amach d'aindeóin an chuardaigh do deineadh air is níor bheag é: áit chómhnaidhthe i bhfolach. Níor aithnigh an bleachtaire é ach bhí rún-aithne aige ar an mbleachtaire: aithne nár bh'eól don mbleachtaire. Cé nár dhóigh lé duine ar a chómhrádh ná ar a ghníomh é, bhí an t-iomard ina rún-bhuaidhreamh ar a chroidhe: é ag déanamh goilleamhna air in uaigneas a chroidhe. Is iomdha rún-bhealach tugtha aige air féin chun na háite sin do ghnóthughadh dho féin .i. é ag obair fé thóin. Bíonn rún-bhóithre an domhain fé, ní bheadh fhios agat cad bheadh ar maoith aige: geádhanna nách féidir dul amach ortha. Bheadh rún-bhacaighe air is gan é ghá chur in iúil do neach, saghas duine é ná gearánfadh gan cúis mhaith: buaidhreamh nó iomard a choingbheóchadh sé leis féin. Cad é an mhaith bheith d'iarraidh a dheimhniughadh gur chinneamhaint a mharbhadh nuair bhí sé rún-bheartuighthe aca lé fada an lá: ceapuighthe go cealgach is go foluightheach. Mo laogh liom thu sa chré anocht, nuair bheidh daoine eile ag déanamh aoibhnis is subháilcis beir-se choidhche ina rún-bhrón ar mo chliabh-sa: im aigne is im chroidhe beir ghom shuathadh i ganfhios don saoghal mór. Rún-bhriathra iad so sa leitir seo ná tuigim in ao'chor: focail go bhfuil ciall éigin deiscréideach leó. É leis na bliadhantaibh ag rún-bhroic lé n-a ghalar: é ag fulang i nganfhios don saoghal mór. Rún-bhreóidhteacht éigin sa pharróiste atá ag dul de luibh is de liagh: galar nách féidir lé lucht leighis a dhéanamh amach ná a chneasughadh. Dá bhfanfadh sé i bhfochair an fhir mhairbh is gan é do thréigean bheadh sé beó indiu, ach is léir go raibh rún-chealg aige ar a bhascadh: aigne cham. Mo rún-chroidhe thu, ní dhéanfainn ruibe ar do cheann do ghortughadh: cara cléibhe. Mo rún-chara gur fiú ór gach órdlach de, is a thabharfadh an braon deireannach dá chuid fola ar mo shon: cara fíor, dílis. Dá méid do bheidís leat do chlisfidís ort ar a luighead cúise, dream rún-chealgach seadh iad .i. bíonn an feall ar iomchar go foluightheach aca. Bhíodh rún-chómhluadar aige nár bh'fhearrde é nár smaoinigh neach do bheith ann go dtí gur scéidh a gcortha féin ortha: cuideachta nár bh'fhios do neach do bheith ann. Deineadh rún-chómhairle eadrainn bheith ghá shíor-rádh ná raibh báidh againn lé haon taobh gidh go rabhamair ar ár ndícheall ag taobhughadh lé dream aca fé thóin: shocruigheamair go foluightheach tar éis ár n-aigne do chur lé chéile etc.

Dhearbhuigh sí go mbíodh a fear céile ag déanamh rún-chómhluadar mná eile i gcathair eile nuair bhíodh sé as baile .i. ina fochair gan a fios féin. Nuair bhuail an dá cheann airm lé chéile thárlaidh rún-chainnt eatartha ná craobhscaoilfear go deireadh an chogaidh má deintear an uair sin féin: cainnt nár leigeadh lé héinne a thabharfadh éachtaint ina taobh. Cá mbíonn rún-chómhnaidhe air ná faightear amach é ar a bhfuil ar a thóir?: mar a gcuireann fé go foluightheach. Ar feadh an chogaidh ar fad do rinne an líon tighe rún-choimeád ar an oifigeach i gcúil éigin den dtigh, i slighe nár tángthas suas riamh leis: cosaint fholuightheach ó n-a namhaid. Níl sé ina rún-cháirdeas ná ina fhollus-cháirdeas eadrainn: mar seo ná mar siúd tá sé ar easbhaidh cáirdis. A rún-chomrádaidhe, suidh farram go n-ólam braon: duine coidrimh fíor-cheanamhail. Mara mbeadh duine éigin do bheith ghá rún-chongbháil do bheadh an bás lé hocras fadó aige .i. ghá chothughadh is gan fhios ag cách air. Bhí rún-chaitheamh ina diaidh aige lé fada riamh: éileamh i nganfhios d'éinne. Sin iad na daoine go bhfuil an croidhe rún-chalcuighthe aca: go foluightheach bheadh droch-aigne aca. Ná bíodh aon rún-cheisneamh ort, ach má tá faic ag déanamh mearbhaill duit scaoil amach é: aon chúis cnáimhseáin i dtaobh éinne ná aonnidh. Ar an gcuma dhuairc atá ort budh dhóigh lé duine go raibh rún-chathughadh éigin ort: ualach éigin croidhe dhá cheilt. Mo thruagh go dealbh é, is fada go bhfuair sé aonnidh cóir, is air a bhí an rún-cheal: easbhaidh bídh i nganfhios do chách. Fear an-ait é go bhfuil rún-chlaonadh aige lé furmhór na ndaoine: istigh ina chroidhe tá fuath aige dhóibh. Ina bholg san tá rún-chleasa ná taidhbhreóchadh duine eile choidhche ortha: cleasa cama, cliste. Bhuadhfadh sé céad uair ist ló ort, tá sé ró-rún-chliste dhuit: i bhfad ró-ghlic ar shlighthibh ná cuimhneófá air. Rún-chlódh ar bhuachaillidhe an dreóilín ná haithneófá cé hiad féin: iad gabhtha i mbréig-riocht. Gearánann na Ponncáin go raibh rún-chluiche ar siubhal ges na Seapánaigh chun a n-ionnsaidhthe faid bhíodar i gcómhairle síothchána leó: go rabhadar ag ceilt a n-aigne ortha. Is fiú na céadta mílte é, nách é do dhein an rún-chnuasach ar an saidhbhreas, budh dhóigh leat nár bh'fhiú pingin ruadh é ar a chlódh: bailiughadh nár tugadh fé ndeara. I rith na haimsire ar fad nár tugadh fé ndeara aonnidh corr ina dtaobh bhí rún-chogar eatartha: feall-bheart ar siubhal lé cabhair a chéile. An rún-choimheascar a bhí im chroidhe i dtaobh a raibh ar eólas agam do chraobh-scaoileadh nó do cheilt ní mór ná gur chuir lé gealaigh me: an fonn agus an mí-fhonn labhartha ag cur i gcoinnibh a chéile. Is minic dhá shuidheamh ar na páipéir é go bhfaigheann an namhaid rún-chóngamh sa tír seo: cabhair fholuightheach nách féidir do nochtadh. Pé rún-chonntsrabháil a éirigh eatartha ar an mbealach abhaile do luigheadar cos air: achrann ná fuair éinne eólas air. Sé mo rún-chúram féin gan a innsint duit-se ná d'éinne cad tá ar m'intinn do dhéanamh: cúram ná baineann lé neach eile. Ó fhág an long an port chun dulta tar lear tásc ná tuairisc ní bhfuairtheas uirthi, tá sé ina rún-diamhair cad thárlaidh di: rud éigin fíor nách féidir do mhíniughadh ná do thuigsint. Cuireann rún-diamhaireacht na síorraidheachta eagla orm: doircheacht is ceal eolais uirthi. Fuaireas rún-éachtaint ó dhuine áirighthe go rabhthas ar mo thí, is chuir san ar m'aire me: eólas fé rún. Ní mór ná go gcloisfeadh sí an rud a bheadh dhá rádh ag daoinibh ná beadh láithreach, tá rún-éisteacht aice ná fuil a leithéid ag neach eile: cómhacht fholuighthe, dho-thuigse chun rud do chlos. Deirtear go leighisfeadh sí daoine lé luibh is lé ortha, tá sí rún-eólgach: eólas aice ar chuma rúnda, doi-léasta. Ní leigfeadh an scannradh dho a bhéal do leathadh orm mar tá rún-fhaisnéis agam-sa ar chuid dá ghníomharthaibh sin: is eól dom go foluightheach nidhthe ina thaobh nár bhail do a nochtadh. Budh rún-fhealltach an bheart do do díoghbháil do dhéanamh nuair fuair sé i

ngreim thu .i. go raibh an feall fá cheilt ann ó thúis. Cad é an rún-fháth a bhí aige lé gach focal do rádh ina chosaint féin: cúis nó réasún nách léir do chách. Dar leat, is iongtach an duine thu 'e bhreis ar éinne eile, go mbíonn rún-fhios agat ar an uile nidh a bhíos ar siubhal sa cheanntar: eólas ná bíonn ach agat féin. Fuaireas rún-fhocal uaidh bheith ar m'aire féin, go rabhthas ar mo thí: faisnéis fé thóin nár chóir go mbeadh a fhios agam. Riamh ó marbhuigheadh é níor bh'eól d'éinne cá bhfuil rún-fhód adhlactha Eimit: an áit nách féidir do dhéanamh amach. Ag maireachtaint ar an rún-fhoghlaidheacht atá an bitheamhnach riamh: gadaidheacht fé thóin. Fuair sé rún-fhógra go gcuirfí chun báis é chómh luath agus gheóbhfí cao air .i. deiscréideach: fé thóin. Ón gcéad lá do cuireadh fé ghlas é bhí rún-fhonn éaluighthe air .i. éileamh istigh ina chroidhe aige air. Is orm-sa, má bhí sé ar éinne riamh an rún-ghábhtar bídh, is ná leigfeadh eagla a lorg .i. me ina easbhaidh i nganfhios d'éinne. Aon chall níl leis an rún-ganfhiosaidheacht so, nách leat féin é chun a thógtha go poiblidhe: ceilt is folach. B'fhada bhí rún-gheall pósta eatartha .i. é socruighthe go deiscréideach eatartha go bpósfaidís. Rún-ghean aige di ná scarfadh sé léi ar ór na cruinne: grádh daingean istigh ar a chroidhe. Dá mbeadh an rún-ghlaineacht ina chroidhe ní thréigfeadh sé thu tar éis a gheallamhna dhuit: an aigne dhíreach ghlan ó cham. Ar an rian is na cómharthaidhe a fuairtheas tímcheall an tighe thréigthe níl aon bhaoghal ná go mbítí ag rún-ghnáthughadh na háite: duine éigin chuige is uaidh ná feachtas is nár bh'eól. Ná bíodh fios do rún-ghnótha ag neach nó, lá breágh éigin caoinfir é: do chúram féin fé leith. Thar mhnáibh breághtha an domhain b'í Máire mo rún-ghrádh: an té go raibh cion is searc mo chroidhe agam di. Is cuma cad déarfaidís leis, do bhí rún-ghradam ag mór-chuid daoine dho, a rogha aca a thaithneamhaint leis nó gan a thaithneamhaint: báidh mhór fé cheilt, is ná cuirtí in iúil. D'fhonn é d'fhagháil i ngrem do leiginn orm báidh do bheith agam leis, is an rún-ghráin dhá chothughadh agam do: an t-olc is an droch-aigne ina gcodladh ina chóir. Is í mo rún-ghuidhe go gcuirfeadh Dia mór na glóire ar do leas thu is go gcoimhdeóchadh i ngach ball thu: istigh in uaigneas mo chroidhe bím ghá guidheachtaint leat. Ní hé féin is measa dhom chugham ach a rún-ghualaidhthe atá ag faire orm gach tráth is gach ócáid: lucht cabhartha ná fuil aon aithne agam ortha. Innseann rún-ghuth mo chroidhe dhom go bhfuil Dia i ngach treó orm: eolas atá in uaigneas mo chroidhe ó nádúir. Cá bhfuil an peacach ná bíonn ag rún-imreas lé n-a pheacaidhibh: in achrann leó i nganfhios do chách. Ní indiu ná indé atá rún-intinn mo dhíoghbhála agat, a dhíolamhnaigh, dá bhfaghfá an lom orm .i. é fá cheilt it aigne agat. Daoine rún-lághacha nár mhaith leo díth ná dochar ar na cómharsanaibh: aigne mhacánta is meón breágh. Ar an uain gur shaoil gach éinne é bheith muinnteardha, tláith, bhí fearg ar rún-lasadh ann: go foluightheach, bhí sé ar buile chun díoghbhála. Gan aon iontaoibh do bheith ag éinne as ach bheith ar an dtaobh sábhálta i gcómhnaidhe dhe, tá sé ró-rún-luath: luaith-intinneach: guag-intinneach. Níl fear ar t'aitheantas is rún-mhacánta 'ná an duine céadna, bréag ná scéal ní chuireann sé ar neach: aigne ghlan aige. Caitheann sé furmhór a shaoghail ag rún-mhachtnamh connus b'fhusa dho é féin do chur chun cinn ar chostas an fhir thall: ag cuimhneamh 'sag smaoineamh gan a aigne do leigeant amach. Ar na nidhthibh olca, díomasacha atá dhá dhéanamh aige níl amhras ná go bhfuil sé ar rún-nasc ag an ndiabhal .i. go bhfuil greim cómhachta aige air. Is iomdha rún-namhaid ag Seán Buidhe a éireóchadh 'na choinnibh dá mbeidís láidir a ndóthain, is an chao d'fhagháil éirghe: namhada atá ciúin trí éigneart. An rún-olc a bhí agam dóibh ní raibh ionam a chongbháil chugham féin níos sia, is d'agras ortha é: an t-olc istigh im chroidhe. Pé eólas atá ag duine aca air tá ag an nduine eile, níl aon rud ná go mbíd rún-pháirteach

ann: bíonn cóimh-eolas aca air. Ní leigfeadh sé dhom bheith rún-pháirteach leis, chongaibh sé gach nidh chuige féin: fios a ghnótha do thabhairt dom. Mo rún-pheata beag thu, ní leigfeadh do neach cruisteach do chur ort .i. peata go bhfuilim árd-cheanamhail air. Is iomdha fear go raibh éileamh aice air ach b'shiúd é rún-shearc a cléibhe, is ní thréigfeadh ar a hanam é: an té go raibh an grádh ceart aice dho. Leigeann air go mbíonn rún-scéalta na cruinne aige, rudaidhe ná faghann éinne cunntas ortha ach é féin: scéalta deiscréideacha. Ar an aigne atá aige gheibheann sé rún-shásamh in anacair daoine eile: sásamh ná cuireann sé in iúil. Thug sé rún-ruathar ar an ndúthaigh nár háirigheadh ar pháipéar ná eile: turus ná raibh fios ag an bpoiblidheacht air. Ní huair ná dhó ach go mion is go minic do rinne sé rún-thagairt liom ar an gcion mór a bhí aige ort: trácht eadrainn féin. Bhíodh rún-thuairiscidhe dhá chur isteach go ceannphort air ná raibh sé ag claoidhe lé n-a chuid gnótha mar budh cheart do: gearánta dhá dhéanamh air gan aon tuairm aige dhóibh. Faid a mhair sé d'fhan an uile eólas a bhí aige ar an oidhche uathbhásaigh úd is ar ar thárlaidhe i rún-uaigneas a chroidhe: fé chlúid gan rádh gan innsint.

rúnach: *a.* dorcha, deiscréideach, foluightheach; iontaoibheach, muinghineach. Ná bíodh aon eagla ort ná gcoimeádfad-sa do chómhairle chómh rúnach is dá mbeadh sí i gcroidhe na cloiche .i. dorcha, gan a heolas do bheith ag neach. Bheadh eólas na gcéadta aige gan oiread is smiog do rádh lé héinne ar an aigne rúnach atá aige: cluthair: neamh-scéidhteach. Sheasóchainn air má sheaóchainn ar éinne a bhéal do chongbháil dúnta tá sé rúnach: ion-mhuinghine: cluthair: neamh-chainnteach.

rúnach: *f.1.* grádh, leannán, duine go mbeadh cion mór air. A ghrádh, 'sa rúnaigh, bheadh an ceart agat gan bheith ró-bhog, mar is beag dá bhuidheachas a bheadh ort .i. a dhuine gur mian liom thu. A Mháirín, a rúnaigh, níl rud ar an saoghal mór ná go ndéanfainn duit: a ghrádh mo chroidhe istigh.

rúnadh: *f.* (*-nta*) do cheilt, do chlutharughadh, d'fholach. Ní fearr bheith ag cainnt ná éisteacht, is iomdha rud dhá rúnadh ar mo chroidhe agam nár b'fhearrde mórán a leigeant amach .i. ghá gcoimeád liom féin. Is é an saghas duine é ná beadh sé ag rúnadh aon rud ort, ach a scaoileadh amach: ghá cheilt.

rúnaidhe: *f.4.* duine a bheadh i bhfios cómhairle duine eile, go gcuirfeá muinghin t'aigne ann. Sin rud nár bh'eól dom riamh ina thaobh cé go rabhas im rúnaidhe aige i rith a bheatha, is dar liom, ní raibh aon rud ar a aigne ná hinnseadh dom: cara tortaobhach cléibhe. B'fhearr liom gan éinne do bheith ina rúnaidhe agam is gan bheith in aithreachas ina dhiaidh san dá bhfaighthí amach mo bheartha: gan dul ar iontaoibh duine ar bith. A amadáin, is iomdha rúnaidhe ort, tá béal mór ort: iad i bhfios t'imtheachta is do ghnóthaidhe. Ní dheárna sé as féin riamh é gan rúnaidhthe do bheith aige: cóimhleacaidhthe: cómhluadar i ngníomh. Rúnaidhe na cómhluachta: oifigeach i gceannas leitreach, cunntaisidhe, cúraim etc. Sid é mo rúnaidhe: an té a thugas aire dom ghnóthaidhibh. Rúnaidhe an aire oideachais .i. an t-oifigeach a bhíos freagarthach do ina chúram.

rúnclach: *f.1.* meascachán, aon rud a bheadh trí chéile; struisín go mbeadh mórán cogus ann; mias go mbeadh min, prátaidhe, etc., trí chéile innte; garr. Na muca féin ní íosfaidís

an rúnclach san lé n-a aindeisighe: béile bheirbhthe is mórchuid rud measctha lé chéile: trufais bídh. Droch-chos agam leis na bliadhantaibh ná téigheann aon chneasughadh uirthi, rúnclach buidhe ag síor-theacht aiste: othar.

rúnda: *a. n-dh.* dorcha, foluighthe, doiléir, doiléasta, dolbha, deiscréideach. Slighthe rúnda na nádúra a théigheas d'intleacht an duine do mhíniughadh mar na saosúir agus mar sin: rudaidhe nách féidir linn do thuigsint. D'imthigh crích rúnda éigin air ná fuairtheas tásc ná tuairisc air ó fhág sé a thigh féin amach lá aoibhinn gréine: a théigheas de dhaoinibh a réidhteach. Nidhthe rúnda ar thóin na mara nách soiléir choidhche dhúinn .i. atá foluighthe ar ár n-eolas. Ná bíodh aonnidh rúnda ag baint léd thurus, ná foluigh ó neach é: deiscréideach: in ainbhfios ar chách. Is maith an té go mbeidh a fhios aige cad é an turus rúnda a thug na toscairidhe ar a chéile: turus go raibh deiscréid is foluightheacht ag baint leis. Do buaileadh im aigne go láidir go raibh rud éigin rúnda ar siubhal laistiar den ndoras dúnta úd ar an nglisiam is an cnagarnach do chuala: gleóthail éigin dhorcha budh dheacair do thuigsint.

rúnmhar: *a.* diamhair, deiscréideach, fiadhta, fuaránach, cluthair, ceilteach. Mara mbeadh cúrsa éigin rúnmhar do bheith ar siubhal idir an dá thír ní bheadh an oiread teachtairidhe ag gluaiseacht eatartha in aghaidh an lae .i. go dteastuigheann uatha gan eólas air do leigeant amach. Cómhacht Dé, moladh go deo leis ró-rúnmhar do dhuine daonna do thuigsint: rud go bhfuil a fhios againn do bheith ann ach nách féidir linn fáth ná bun do thabhairt leis. Cómhrádh rúnmhar a bhí idir me féin agus é féin, go bhfuil orm do chongbháil ó chách: trácht dheiscréideach nár meádhadh do chlusaibh daoine eile. Ar an maidhm aoir do deineadh ar an gcathair do bhí an lucht ceannais an-rúnmhar i slighe is nách feas don bpoiblidheacht cad do thárlaidh: clúthair, coimeádach. Im chroidhe istigh do bhí fonn rúnmhar ag teacht orm é do mharbhadh toisc a chlipitheacht agus do bhíos aige: fonn in uaigneas ar gach n-aon eile. Níor cheart duit scéal a shroich go rúnmhar thu d'aithris d'éinne: go foluightheach: ós íseal. Ní fheadar é, ní thuigim in ao'chor é mar chúrsa, ach gheibheann seisean rudaidhe amach roim éinne eile ar chuma rúnmhar éigin: ar shlighe atá foluighthe ar a thuilleadh.

rúpach: *b.2.* bean mhór gharbh neamh-thaithneamhach; baineannach neamhghasta, neamh-chríochnamhail; baineannach dhíomhaoineach, fhuairspreóiseach, nó bean míochláilmhear. Is minic adubhart leat nár chéile cheart dhom thu, a rúpach nár thúm do lámh riamh in uisce chun ruda do nighe ná do ghlanadh: neamh-chríochnamhail. Budh mhór an meisneach d'fhear bheag mar é rúpach mágach mar ise do phósadh, a iomcharóchadh ar a drom go Corcaigh é: bean gharbh, chnámhach, chumasach. Rúpach inghine agam ná fuil dhá thaidhbhreamh di ach rinncidhe, caitheamh aimsire is éadaighe breághtha: baineannach neamhghasta. Chaith sí a saoghal cois caladh ar bhruach na habhann mar a ngnáthuigheadh rúpacha an cheanntair tighthe óil is imeartha: mná ná raibh cáil na geanmnaidheachta ortha.

rúplach: *f.1.* duine mór mágach, aon rud go mbeadh préacha láidre aige. Rúplaigh ghroidhe go raibh fuinneamh is fulang ionta: daoine loma, láidre, fuinneamhla. Rúplach de chailín go raibh faid an lae ambáirigh innte: fámaire go raibh aoirde is neart innte. Ní thairngeóchadh do dhícheall an rúplach craoibhe a fhásas ar chliathán an tsléibhe ann, tá

sí chómh doimhin sin i dtalamh: craobh fhaid-phréachach. Rúplach feamnaighe a cheangail de ghunail an bháid nuair bhítheas ghá cur i bhfarraige, budh bhun lé n-a báthadh .i. go raibh fás mór, slaodach léi.

rup rap: *f. n-dh.* úirleacan agus dobuan. D'ith sé is d'ól sé an iomad go dtáinig an rup rap air: síos suas. Tá sé ina rup rap i rith na hoidhche air, ní iomcharóchadh sé meadhg dhá bhainne: ina chur amach is ina scaoiltigh.

rúscadh: *f.* (*-ctha*) smísteáil; leadradh; léasadh; tuargaint. Ó cruthnuigheadh an saoghal mór ní dócha go raibh rúscadh ar pháirc an bhuailte mar atá ag tárlachtaint idir na Gearmánaigh is na Rúiseasuigh – na céadta mílte fear gan sos lé harmáil mharbhthach ag gabháil stealladh ar a chéile gan sos gan lagadh: leadradh is tuargaint áidhbhéil. Dá bhfaghadh a thóinín rúscadh beag dhéanfadh sé bail do is ní bheadh ina pheata béicighe mar tá: leadradh éadtrom leis an mbais. Nách iad an scata bleáigeárd iad is bheith ag rúscadh chloch leis an madra bocht san: ghá gcaitheamh go tiugh, láidir. Istigh i gcumar na gcnoc ní mór ná go mbodharfadh rúscadh na tóirnighe duine lé n-a torainn: cnagarnach áidhbhéil. Ag déanamh ar an dtráthnóna ní raibh aon amhras againn ná go raibh an namhaid ag druideam in ár dtreó lé méadughadh rúsctha na ngunnaidhe móra, chloisfeá a dtormán mar bheadh tóirneacha troma balbha: cnagarnach mhór glóir. Chuir máthair a céile an doras amach í lé rúscadh bata: bualadh, smísteáil.

rutha: *f.4.* iasc mór slinn, leathan go gceann caol bioranta, earball caol, drom garbh, bolg bán, an béal fé. Rón, rutha is ronnach na trí héisc is luaithe sa bhfarraige. Lé tarcuisne deirtear lé duine go mbíonn an iomad cainnte aige go mbíonn béal rutha air, nó lé duine go mbíonn béal mór air.

rúta: *f.4.* préamh, bun, bun-stoc; géag, treibh. Níor bh'aon iongadh é dá mbeadh neart innte ar na rútaidhibh cos atá fúithi: cosa teanna láidre ó alt go glúin. Ní dhéanfadh m'fhiacla aon lámh ar an bhfeóil righin sin, mar ná fuil agam ach na rútaidhe: na bunaidheacha istigh sa dranndal. Laiteadh an coirce leis an ngaoith mhóir idir chraoibh is rúta .i. idir cheann is bun .i. é go léir. Bain as do rútaidhibh é, a dhiablóir, má bhainis riamh nó ní bheir in am: rith nó siubhal chómh mear, lúthmhar is tá ionat. Rug sé ar rúta uirthi is tháinig olc uirthi: tímcheall a hailt. Anois an bhfuilir sásta go bhfuil bun-rúta an scéil ar fad agat: míniughadh: eólas cruinn. Seán is bun-rúta agam-sa leis an scéal ní fheadar an fíor nó bréag é ach san: sin é m'ughdar leis. An bhféadfá bun-rúta leis an gcainnt seo do thabhairt dom?: an chiall atá léi. Níl aon rud dár dhearbhuigh sé nár thug sé bun-rúta leis: ciall is míniughadh. Stracfair an ghéag ón rúta ag an leanbh mar tá sí lag, mara dtugair aicillidheacht di: ó n-a bun amach. Níl aon rúta lém mhuinntir san áit ná is fada riamh go raibh .i. neach dem chuid fola. Ón rúta chéadna an dá threibh .i. ón bpréimh chéadna do shíolmhuigheadar. Rútaidhe gabáiste: na préacha tar éis na coda eile bheith scriosta. Goineadh go dtín rúta é: deineadh rud éigin leis a ghoill isteach go smior air.

rútáil: *b.3.* tóch, taighde. I gCúige Mumhan is í do shiubhal ina hórdlaighibh ní bhfaighfí duine rútála is mó ná thu, nách breágh ná féadair aon rud do leigeant tharat: duine a bhíos ag séirseáil 'sag útamáil mar bheadh muc ag tóch. Dar ndóigh ní treabhadh atá déanta ar

an ngort san ach rútáil: abláil treabhtha. Dhera, bíonn sé ag rútáil leis, is geallaim duit go bhfásann rudaidhe chuige chómh rathamhail lé duine is slachtmhaire ’ná é: ag obair go neamhshlachtmhar ar an dtalamh.

rútálaim: *b.a. 7 n-a.* tóchaim, taidhdim, rómharaim nó treabhaim go neamh-shlachtmhar; útamálaim. Cé rútáil an seómra so go bhfuil go haonnidh tóin thar ceann ann?: a dhein útamáil ar pé nidh a bhí ann. Do rútáil an chráin an leabadh bhláth: do thóch is do lait. Níor fhág an tuile cloch ná carraig san abhainn gan rútáil: gan a bhaint is d’árdach chun siubhail. Rútálfadh an fear céadna parróiste dhuit: dheargóchadh sé an talamh: bhainfeadh pé fás a bheadh ann.

rútálta: *a.r.* tóchta, taighdte, rómhartha, treabhtha. Níl claidhe ná clais ar fuaid na seacht bparróistidheacha ná go bhfuil rútálta aice lé n-a méireanntaibh ar lorg luibheann: tóchta, cuarduighthe. Tá an talamh ar fad ar úrlár an locha rútálta ge brocaibh ar lorg néanfartaighe: tóchta lé n-a soc.

rútán: *f.1.* alt méire ina sprochaid chruinn ar chúl na láimhe. Dá bhfaghadh buille rútáin uaidh ar an dtoirt atá ionta do mhothóchad sé é. Chuirfeadh a rútáin chos in iúil duit cad é an neart a bhí ann nuair bhí sé óg. Beithidhigh cómh trom san i bhfeóil gur ar éigean do thabharfá a rútáin fé ndeara: thíos ag an gcrúib. Na crúibínidhe muc atá ag imtheacht anois ní fiú an t-airgead iad níl ionta ach rútáin loma: na cosa ós na glúinibh síos. B’fhéidir go gcuirfeadh sé na rútáin ina luighe ort mara dtugair aire dhuit féin: na dóirne dúnta.

rútánach: *a.* go rútánaibh móra, taithigeacha. Lámha rútánach nách aon tuairm ná go bhfuil neart ionta: ailt mhóra ar a mhéaraibh. Tá na hainmhidhthe rútánach go maith as a gcosaibh: feólmhar síos go crúib.

ruthalam: *f.1.* duine nó ainmhidhe ruaiseach. Caithfear ceangal do chur fén mbuin, tá ruthalam déanta di .i. í ag imtheacht ó áit go háit. Is mór an ruthalam atá ort ná suidhfeadh tamall: ruaiseacht: deabhfracht.

S

sabh: *f.1.* bollta, barra (iarainn), bata, duine nó rud láidir. Cuirtear an sabh ar an ndoras: an bollta do chur air. Budh ghalánta dhuit go mór rud éigin do dhéanamh ar son do bheatha ná bheith sínte id shabh ar thaobh an tighe: duine mór, acfuinneach, díomhaoin. Sabh de mhadra a íosfadh oiread lé cráin mhuice: madra groidhe, cuthaigh. Na saibh lonngaidhe a bhíodh ar spiléaraibh sa tsean-shaoghal ar an mbannc san sara raibh dul amach ná trácht ar throllairidhibh: éisceanna móra, troma. Sabh do shíneadh leis is fearr atá tuillte aige an liaghairne díomhaoin, is ní bheith ghá chothughadh go díomhaoin: bata maith, láidir. I gceann mí ar an bhféar san bheadh beithidheach ina shabh lé feóil: cothuighthe, trom.

sábh: *f.4.* úirlis déanta de stráiméad thanaidhe cruaidhe agus faobhar fiaclach uirthi; oibrightear leis an láimh nó le hinneall é chun aon fhola cruaidh mar adhmad, cloch, iarann, etc. do ghearradh, tuireasc. Tabhair an sábh dho; gearraidh lé sábh é.

sábhadh: *f.* (*-bhtha, -ibhte*) do ghearradh lé sábh. Crann, adhmad, cos etc. do shábhadh: do theascadh nó do ghearradh. Bíoma do shábhadh ina chlárachaibh, raidhilsidhibh etc. Dá mbeadh an sábhadh ceart ar an adhmad d'oireamhnóchadh na cláracha dá chéile níos fearr 'ná dheinid: an tslighe cheart ghearrtha lé tuireasc. Sábhadh glaice: ceann do hoibrightear leis an láimh.

sábhadóir: *f.3.* duine a ghearras lé sábh nó lé tuireasc. Mannta bainte amach as an iasc ag an bhfíogach chómh glan is gearrfadh sábhadóir blúire adhmaid.

sábhadóireacht: *b.3.* do ghearradh lé tuireasc, an gníomh nó an cheárd. Ní ró-mhaith an tsábhadóireacht atá ar an adhmad, tá sé garbh ina diaidh. De cheal uisce ní dheárna an muileann aon tsábhadóireacht: adhmad do ghearradh.

sabhaidhe: *f.4.* duine nó ainmhidhe mór, corpardha, marbhánta; confartach. Bhíodh sabhaidhe madra aige ná leigeadh neach i ngaobhar don dtigh nuair bhíodh sé as baile, ní mór ná go raibh oiread gamhna ann: búiste áidhbhéil. Níl de mhaith sa tsabhaidhe sin ach a n-íosfadh sé, ní cor do chuireann de ghéig ná de chois leis chun a bheatha do thuilleamh: fathach duine lé toirt, leisceamhail, marbhánta. Sabhaidhe beithidhigh nár mhór duit do bheith agat chun luach maith d'fhagháil uirthi maidir lé leath-bheithidhigh ní mór go n-iarrfí dhíot cad bhí agat: beithidheach toirteamhail, feólmhar. Sabhaidhe fir mar é, is mór an náire dho dul ar aon scór lé haindeiseóir seanduine: duine mór, mortalach. Sabhaidhthe fear a thairngeóchadh taobh an fhalla as a chéile dhuit: fir mhóra, acfuinneacha, troma.

sábháil(t): *b.3.* saoradh do bhás, chonntabhairt, damaint, díoghbháil, etc.; do dhéanamh cnuaisciúin; spáráil, do dhéanamh féir, cosaint, tárrtháil, leath-scéal etc. Táir chómh doimhin i bpeaca anois gur baoghalach ná fuil aon tsábháilt ar t'anam: slánughadh. Do tháinig Íosa Críost ar an dtalamh chun anamacha do shábháilt ó dhamaint shíorraidhe: do thabhairt slán: do chosaint: do shaoradh. Táid ag pléidhe ceathramha shábhála as an mbád

raice: airgead nó díolfiach as a breith i dtalamh ó chonntabhairt is ó bhascadh. Maoidheann dhá thaobh an chogaidh seo ná fuil aon tsábháilt ó léirscrios ar an namhaid: aon dul go raghaid saor. “Bead déidheannach is dócha?” – “tá aon tsábháilt amháin agat, dul ar ghluaisteán”: cao éaluighthe. Ag sábháilt fhéir: féar do thriomughadh i slighe is ná lobhfadh sé. Is ag Dia amháin atá cómhacht sinn do shábháilt: do ghlanadh ó pheaca is do shaoradh ar dhamaint síorraidhe. Is deacair d’éinne sábháilt lé cruadhtan na haimsire is an tsaoghail bhuadhartha so: airgead do chur thart nó ar coimeád. Ghaibh sé cómhgar na gcnoc d’iarraidh chúig míle do shábháilt: an t-aistear do chiorrbhadh an méid sin. Is maith agus is lán-mhaith an chasóg í chun duine do shábháilt ar an sín bháistighe: do chosaint. Ní raibh aon tsábháilt aca ortha féin ach an cúrsa do chómhrac amach go dtín ruibe déidheannach: aon dul as: aon éalódh. Is mór go léir an tsábháilt taisteal tapaidh: saoradh aimsire. Ní sábháilt ar dhrochshláinte saidhbhreas: ní cosaint é uirthi. Sábháilt na pinginne agus cailleamhaint na scillinge .i. cnuaisciúnach i gcúrsaidhibh beaga is scaipightheach i gcúrsaidhibh tábhachtacha. Táir ar láimh shábhála an lá táir sa tigh seo, ní baoghal go mbainfidh aon chonntabhairt leat: saor ó dhíoghbháil. Cuir an bád ar láimh sábhála: i slighe nó in áit ná féadfí a bascadh. Droch-aimsir cheart chun sábhála: féar nó arbhar do thriomughadh ar chuma ná lobhfadh sé. Éirigh as do chuid anois, tá sé ó shábháilt: thar fóir. Toisc na farraige do bheith ró-fhíochmhar níor bh’fhéidir duine den bhfoirinn do shábháilt: do bhreith slán beó. An ag sábháilt t’anama a raghair?: ag déanamh t’anama .i. ag guidheachtaint nó chun faoisdine.

sábhaim: *b.a.* gearraim nó teascaim le tuireasc nó sábh. Ní shábhfadh sé ím duit .i. tuireasc gan faobhar.

sábhálach: *a.* cnuaisciúnach, sparálach, aireach, buan-choimeádach. Bí sábhálach ar an bpinginn is beidh rud id spaga: baileach: cnuaisciúnach. Cé gur bheag is gur shuarach é a tuilleamh is gur mór é a muirear bhí sí chómh sábhálach agus gur chuir sí airgead ’on bhannc: coigilteach, congbhálach.

sábhálaighe: *b.4.* aiste bheith sábhálta, daingean, slán, saor ó olc, díth etc. Lé n-a shábhálaighe seadh cuirtear báid fé ancaire ann i rith an gheimhridh: é bheith ar aiste go mbeidís ann ó bhaoghal. Ní mhairfeadh bád ná long ann ar ghaoth adtuaidh lé n-a neamh-shábhálaighe .i. gan é do bheith ins an tslighe is ná beadh conntabharthach. Níor mhaith liom tabhairt fén ndroichead san lé n-a neamh-shábhálaighe: neamh-dhaingneacht.

sábhálaim: *b.a.* saoraim ó bhaoghal, bhás, bhascadh, ó dhamaint síorraidhe; cosnaim air. Go sábhálaidh Dia sinn ar an anachain: go gcoimeádaidh Sé uain í. Ní shábhálfadh an saoghal me ó mhilleán ná gur orm do cuirfí an chúis dá rángóchainn sa cheanntar: ní shaorfadh. Duine beó d’fhoirinn na luinge níor sábháladh nuair pléascadh ón aer í: níor tugadh beó. Shábháil sé na mílte i Mearaice, mar bhí an diabhal buidhe lé cnuaisciún is lé neamh-scaipightheacht: chuir tharais: i taisce. Gach éinne gur féidir leis é sábháladh sé é féin: saoradh: beir é féin, slán, folláin ó ghuais. Ní shábhálfadh sé anam dhuine dá bhféadfadh sé é, tá sé chómh droch-mhaitheasach san: ní bhéarfadh ó bhaoghal damanta é. Sábhálaimís an féar leis an ngréin: ionnramhálaimís é go mbéarfaidh a teas air is go gcuirfidh ó bhaoghal lobhtha é. Sábhálfair solas ar an saghas san lampa ná tógann an oiread íle: coimeádair gan caitheamh é. Sábhálann greim in am na ngreamanna ar ball:

greim do chur i dtráth ní bhíonn aon ghádh lé breis aca do chur ina dhiadh san. Shábhálfá airgead i ndeireadh dála ar earra mhaith do cheannach: do choimeádfá gan caitheamh. Shábhálfaidís airgead ar mhullach cnuic (mar a bhfaghadh daoine eile bás) .i. daoine cnuaisciúnacha iad: chuirfidís i dtaisce é. Nár shábhalaidh Dia ná Muire iad (drochghuidhe): droichíde go n-imthighidh ortha.

sábhálta: *a.r.* saortha, coigilte, slán ó ghuais, buan-choimeádta; taiscighthe. Slán sábhálta go dtagair as gach conntabhairt: gan baoghal, gan bascadh, gan díth. Dá mbeadh na barraidhe sábhálta againn budh shuaimhneas aigne é: curtha san tslighe ná beadh baoghal go lobhfaidís. Féar sábhálta .i. triomuighthe ina cheart agus oireamhnach d'ainmhidhthibh: caointe. Ní bhlaisfeadh neach an t-ím (an fheóil, an t-iasc etc.) mar ná fuil sé sábhálta ina cheart: leasuighthe nó curtha ar slighe go mbeadh buan in-ithte. Dia go mbeiridh sábhálta ár n-anamacha ar neamh leis: saor ó bhaoghal. "An cogadh budh mhó riamh", ars an mada ruadh, "tháinig duine éigin sábhálta as", nuair bhí na géadhanna go léir marbh aige: ina bheathaidh. Níl éinne sábhálta a bhíonn ina fhochair, droich-mhianach ceart seadh é, agus fealltamhail leis: saor ó chonntabhairt. Cuir do chuid airgid i bpóca is sábhálta 'ná é sin nó beir dhá cheal: ná caillfear as é nó nách féidir teacht air. Cuan sábhálta ar gach gaoith: cuan nách gábhadh eagla do bheith go n-éireóchadh tionóisc do bhád nó do luing ann. Bheifeá i bhfad níos sábhálta ar thosnughadh lag do dhéanamh ná imtheacht san aer ar fad ag ceannach an oiread d'earraidhibh daora: níos cinnte 'ná bheifeá caillte leis. Mo chómhairle dhuit bheith ar an dtaobh sábhálta des gach éinne, gan tú féin do chur ina lúib: bheith ar aiste nách féidir breith i ngreim ar dhuine. Sin tigh go bhfuil fallaidhe sábhálta fé: fallaidhe ná fuil baoghal go dtuitfidh: fallaidhe gur féidir muinghin do bheith asta ná tuitfidís. Sin a bhfuil sábhálta agam tar éis mo shaoghail ag saothar go cruaidh: curtha lé chéile.

sábháltacht: *b.3.* daingneacht, caointeacht, aiste bheith ó bhaoghal, ó dhreódhachtaint. Taithnigheann an fheóil leasuighthe seo leis gach éinne lé n-a sábháltacht .i. a fheabhas atá sí curtha ó lobhadh, nó ó bhlas cabhruighthe do bheith uirthi. Sábháltacht an bháid a rug saor iad, creid me leis, is ní hé a bhfeabhas chun farraige: daingneacht in aghaidh conntabharthach. Bheadh eagla ar dhuine dul treasna na sráideann i gcathrachaibh móra lé n-a neamh-shábháltacht: gan iad do bheith saor ó bhaoghal.

sabhán: *f.1.* coileán, óg ainmhidhe. Sabhán muice: céis óg. Sabhán madra uisce: an ceann óg. An mada ruadh is a shabháin: a chuid coileán.

sabóid: *b.2.* an seachtmhadh lá den tseachtmhain ghiúdaigh ar n-a dtoirmeascann an ceathramha aithne aon tsaghas oibre; ainm do thugann cumainn áirighthe Phrotastúnach ar an ndomhnach; suaimhneas. "Agus adubhairt sé riú, is é seo an nidh adubhairt an Tighearna, ambáireach atá suaimhneas na Sabóide naomhtha don Tighearna; bruithidh indiu an mhéid bhruithfidh agus bruithidh an méid bruithfí; agus an méid a bhéas os a chionn cuiridh suas díbh féin dá chumhdach go maidean" (Ecs. XVI. 23). Turus lae na Sabóide: turus an-ghearra, mar ná raibh sé dleaghthach thar slighe míle do dhéanamh.

sabhrain: *b.2.* bonn óir gur fiú fiche scilling d'airgead Shasana é. Aon bhaoghal níl air tá na sabhrainidhe aige: airgead in ór bhuidhe. Bhuidhigh sé chomh buidhe lé sabhrain i ndiaidh na breóidhteachta: lán-bhuidhe.

sabhsálta: *a. n-dh.* teann, deiliúsach, dána, sonnta. Tá sé sabhsálta a dhóthain aon rud do cheannach uaidh, is an-dheacair leis géilleadh: teann, árd ar an luach. Ná bí sabhsálta leis, ní haon droch-dhuine é nuair bheadh aithne cheart agat air: gan bheith giorraisc leis. Bíonn sé ró-shabhsálta ar a luighead cúise, choidhche ní thairngeóchaidh sé na daoine ar a shiopa .i. ní bhíonn mín ná lághach go leór chun na ndaoine do mhealladh chuige. Bhíodar sabhsálta lé chéile, budh dhóigh leat go mbeadh ina buillidhibh eatartha .i. gach focal ar a fhaobhar is ar a fhulang aca.

sac: *f.1.* mála, paca, pucán, aon rud trom, aindeis, pleist. Rinne sac de féin lé digh: d'ól sé an oiread san ná féadfadh braon breise d'iomchar. Oidhche bhreágh chiúin dob eadh í go raibh an ré ina sac .i. gan cor aiste (go mórmhór nuair bheadh sí lán). Ní hamháin gur bhuaidh sé air ag dórnáil, ach bhuaidh sé lán a shaic air .i. a' faoibín, go bog. Buaileadh lé buille é gur deineadh sac de: gur thuit ina phleist gan cor as. Codladh saic i muileann chughat maran ort atá an suan nách féidir thu mhúscailt: codladh trom sámh. Ceannach bainbh i sac a mheasais dom do thabhairt air, budh mhaith liom lán súl do bhaint ar dtúis as sara ndéininn mo mhargadh: rud do cheannach gan í d'fheicsint. Connus fhéadfá obair do dhéanamh agus tú id shac le biadh .i. lán suas go smig. Is mór an fonn sínte atá ort, a spadalaigh, luighe an tsaic ar an srathair chughat!: go rabhair chómh marbhánta is ná féadfá corruighe gan chabhair: luighe go liosta. Riamh, riamh níor sheasaimh, is ní sheasóchaidh go deó sac follamh: an té nó an rud ná bíonn gníomh ann as féin ná bactar de. Bíonn mórán cainnte aige nuair ná bíonn a chomórtas leis, ach nuair bhíonn ní deacair a chur i sac .i. ina éisteacht. Téigheann so dhíom ar fad, tá sé ró-rúnda dhom, táim i sac aige: i bponnc: i ndraip. Leig thart é, tá sé chómh haindeis lé sac salainn: neamh-anamamhail. "B'fhearrde thu dá gcuirtheá do cheann i sac" deirtear le duine go mbíonn an iomad cainnte aige. "Cuir i sac é" deirtear lé duine a bhodharfadh lé rud. "Annsan d'aithin Ioseph a saic do líonadh agus cuid airgid gach nduine aca do chur ina shac féin, agus lón do thabhairt dóibh chun na slighe; agus is mar sin do rinne sé riú" (Gen. XLII. 25): mála. Aon chlos ní raibh agam air, bhíos im shac codlata: im throm-shuan. Beidh rud ina shac aice siúd má bhíonn fagháil in ao'chor air: ina seilbh.

saic-éadach: *f.1.* éadach garbh cnáibe, de chlúmh camaill nó gabhair; bhaineadh lucht bróin áis as; cómhartha bróin agus éagcaointe. "D'fhuaigh me saic-éadach ar mo chroiceann, agus do shaluigh me m'adharc ins an lathaigh" (Iób XVI. 15). "Agus do chuir me m'aghaidh ar an Tighearna Dia dá iarraidh lé húrnaighe agus lé gearáin maille ré troscadh, agus lé saic-éadach, agus lé luaithreadh" (Dan. IX. 3): éadach róin.

sacadh: *f.* (*-ctha*) líonadh, palcadh, fóirlíonadh, alpadh, dingeadh. Scolfartach ocrach a thabharfadh an lá ghá shacadh féin: ghá líonadh féin lé biadh. Nár mhór an sacadh bídh é, a fheara, go maoidheadh an bheirt aca go n-ithidís ceann muice ina chruinne agus dhá chloich práta: alpadh is palcadh bídh. Gach uair dá bhfaghadh sé drom mná na n-ubhall is na mbrioscaidhe leis do chromadh sé ar a phócaidhibh do shacadh lé gach rud i gcómhgar a láimhe: do dhingeadh is do líonadh.

sacadán: *f.1.* duine teann-bholgach, teann-cholaidheach. Is fada atá sacadán déanta dhe, níl sé oireamhnach ar chluiche ar bith d'imirt. Téigheann sé ró-fhada air mar scéal, ní stadann sé gan sacadán do dhéanamh de féin: bolgadán lé biadh. A shacadáin, fág as an slighe uaim, ní bheinn ag féachaint ort ag gabháil de rud: duine chómh marbhanta lé sac.

sacaim: *b.a.* palcaim, dingim, fóirlíonaim, alpaim, potbhiadhaim; sáthaim. Sin é, tabhair náire dhuit féin, sac tú féin (lé biadh): foirlíon thu féin. Shacas ar fhéadas den olainn i ngach mála: dhingeas. A leithéid de leanbh, sacann mion-ghiúirléididhe na cruinne síos ina phócaidhibh: líonann suas go béal díobh iad is dingeann. Sacadh fé ghlas iad trí n-a chéile toisc bheith ag déanamh clampair sa chúltsráid: caitheadh isteach iad i gcarcar. Ní raibh cathair ná baile dár thóg an namhaid ná gur shacadar go neamhthruaighmhéileach, gan luid d'fhágaint ges na daoinibh: do léirscriosadar. Má shacair an tobac sa phíp ní thairngeóchaidh sí: má bhrúghair is dhingir.

sacán: *f.1.* duine teann-chorpach, cruinn, mála nó sac beag. Sacán fir atá ann, cá bhfuil an scaoilteacht ná an scrothaidheacht?: duine teann as a chorp gan puinn anama. Itheann sé an iomad, deineann sé sacán de féin: cuireann sé é féin i slighe do bheadh mála palcuighthe. Ní pócaidhe atá air ach sacáin: pócaidhe chómh mór lé máilínidhibh. Gach aon rud ina shacán féin: a intinn ar a bhféadfadh sé greim d'fhagháil air do chur chuige féin. Ní fearr liom im shacán féin é ná agat: im sheilbh féin.

sácráil: *b.3.* naomh-choisreacadh. In aimsir (lé linn) na sácrála .i. an uair choisriceann an sagart.

sácraimint: *b.2.* cómhartha solaithe soifheicse do cheap Dia chun grást do thabhairt dúinn.

sácrálaidhe: *f.4.* duine ná bíonn dhá thaidhbhreamh do ach suaimhneas is aoibhneas. Beireann an sácrálaidhe fada ar an saoghal, ní mór an mhairg a chuireann sé air. Sácrálaidhe ceart seadh é ná fuil ag déanamh meargódh dho ach connus aoibhneas is subháilceas do bhaint as an saoghal.

sácrálta: *a.r.* sásta, boigéiseach, beadaidhe, sóghail. Chaith sé saoghal sácrálta gan puinn mairge do chur air féin leis: saoghal sóghail, neamh-chlamprach. Beidh beatha shácrálta aice ann, cá mbeidh a heasbaidh ná a ceal?: socair, soghail. Duine sácrálta nách deacair do bheith réidh leis, is fada go dtairngeóchaidh sé iomard ná achrann air féin lé cách: boigéiseach, socair.

sácráltacht: *b.3.* sástacht, socracht, suaimhneas. "Pé rud atá ina gcóir ar an dtaobh thall tá sácráltacht na beatha so ag lucht an airgid", ars an fear mío-shásta: suaimhneas is seascaireacht dá bharr. Tigh áluinn aige, troscán breágh ann, togha bídh aige sácráltacht ar gach cuma go gcuimhneófá air: seascaireacht is aoibhneas na beatha.

sacs-: *i gcfbh.* Sacs-bhéarla: teanga na Sacs .i. na Sasanach.

sacsan: *f.1.* duine de threibh iar-thuaiscirt na Gearmáine. Thar lear go Sacsanaibh: go sean-Shasana.

sactha: *a.r.* palcuighthe, fóirlíonta, díngte, sáithighthe. An bhó sactha gach cnead aice ó bheith ag itheadh clóbhair: fóirlíonta ina goile. Bíonn a bpócaidhe sactha ges na leanbhaidhibh lé brioscaidhibh, ubhlaibh, mílseán, etc.: lán suas go béal. A inchinn sactha lé heólas: lán, an oiread agus iomcharóchadh sí. Loca eile olna ní raghadh 'on mhála, tá sé comh sactha san: chómh lán palcuighthe sin. Tar éis a bheith ar féarach ó mhaidhean sa tsíol-fhéir táid ina luighe sactha sásta: a ndóthain mór ithte aca.

sádhail: *b.2.* fás iomadamhail, slaodach. Aon cheal ní bheidh ar na buaibh tá sádhail aca: féar glas tiugh, trom, fada, saidhbhir. Táthaoi i sádhail, a fheara: táthaoi ar mhuin na muice maidir lé biadh is deoch is aoibhneas.

sádhaile: *b.4.* ró-sheascaireacht, aoibhneas, pór, slámás, sóghachas, sóghamhlacht. Níl rud a iarrfadh a mbéal ná go bhfuil aca, tá sádhaile an tsaoghail seo aca: seascaireacht is gustal chun na mian do shásamh. Bhain an tsádhaile an bhrigh as, d'imthigh sé chun an phota ghá aoibhneas féin: gach seascaireacht is sásamh mian. Bhíodh aige deigh-éadach, deighbhiadh, saoghal socair, an uile sádhaile a iarrfadh a lámh ná a bhéal: na nidhthe a thabharfadh aoibhneas na beatha shaoghalta dho. Tá teasbach ortha is ní hiongadh dhóibh é. Tá codladh is sádhaile aca, ní hiongadh teasbach do bheith ortha: suaimhneas is gach aon rud d'iarrfaidís chun a n-aoibhneasa. Tógadh ar an sádhaile é, is ní raibh taithighe aige ar anródh nuair rug sé air, bhí sé ró-mhaith dho: seascaireacht is suaimhneas.

saesar: *f.1.* ímpire, teideal ímpiridhe na Rómha. Tugtar a cheart féin do Shaesar: an rud is dual agus is dleaghthach do dhuine is cóir a thabhairt do. "Ar an adhbhar san tabhraidh do Shaesar na nidhthe is le Saesar agus na nidhthe is lé Dia do Dhia" (Matha XXII. 21). "Agus thárla ins na laethibh sin go ndeachaidh aithne ó Shaesar Agustus an domhan uile do mheas" (Lúcás II. 1): an t-ímpire Agustus. "Go bhfillidh mo Shaesar glé gan ghruaim" .i. ár dtaoiseach mór.

sagairtín: *f.4.* saghas miongáin go mbíonn bogaisínidhe ar a thóin. Tímcheall barra taoide i gciumhaisibh duibhche factar é. Tá sé doi-ithte.

sagart: *f.1.* duine go bhfuil de chómhacht aige an tAifreann naomhtha do léigheamh (rádh). Daoine chómh macánta lé sagart na parróiste iad san, is fada go gcuirfid bréag ná scéal ar éinne, ná go ndéanfaid suainseán ar a gcómharsain: fíor-mhacánta. Ní fearra dhuit an sagart ghá rádh leat .i. bíodh muinghin as fhírinne an scéil agat. Mise an sagart udhachta a bheidh air sin mara leigeann sé tharais me is gan bheith ag tromaidheacht orm .i. an té a mharbhóchaidh é. Bás gan sagart chuige, an t-alfraits feile-bheitheamhnaigh, is é ná fuil creideamh ná coinsias aige (drochghuidhe) .i. bás go bhfaghaidh gan an ola dhéidheannach do chur air. An sagart nár bheiridh orm má tá focal éithigh dá rádh agam (drochghuidhe) .i. nár fhaghad ola dhéidheannach ná aithrighe. "Ní bhéarfaidh an sagart air", deirtear lé duine a bhíos an-lag i mbaoghal bháis. Adhbhar sagairt: duine a bhíos ag foghluim chun bheith ina shagart. "Ceathrar sagart ná fuil sanntach/ ceathrar Franncach ná fuil buidhe/ ceathrar tailliúiridhe gan bheith bréagach/ sin dháréag ná fuil sa tír!" Creid

an uile-fhocal de, ní fírinnighe as bhéal an tsagairt é .i. ní fhéadfadh gan bheith fíor. In ainm Dé is Muire téighir go dtín sagart duit féin, is déin do shíothcháin lé Dia .i. téighir chun faoisdine. "Sagairt is bráithre, is d'imthigh na báirnigh eatartha", deirtear so lé haon rud a imthigheas go haindeis nó ina roithleach idir dhaoinibh gan a cheart aire d'fhagháil nó go neamhthuiseach. Ní fhéadfá faic do chur ina luighe air, "d'áiteóchadh sé muc ar shagart" le duine ceanndáine neamh-ghéilleamhail in aghaidh soiléireachta na fírinne. Sagart balbh sagart dealbh .i. an té ná loirgeann a chion nó a cheart bíonn thiar air. Ní bhfaigheann sagart balbh beatha: an té ná labhrann ar a shon féin ní bhfaigheann faic. Bás gan sagart chughat (drochghuidhe) .i. nár fhaghair cao na haithrighe. Tháinig an oiread eagla air go raibh sé chómh geal le léine an tsagairt .i. bán ar fad. "Acht adubhradar an mhuinntir a sheas láimh ris, an bhfuil tú ag imdheargadh árd-shagart Dé" (Gníomhartha XXIII. 4). "Agus an sagart a dhéanas glan é béarfaidh sé an duine a bhéas re glanadh is na nidhthe sin do láthair an Tighearna ag doras lóistín an chómhchruinnighthe, agus glacfaidh an sagart aon uan fireann, íodhbaireóchaidh é mar íodhbairt sháruighthe agus an log ola agus croithfidh iad mar íodhbairt luaimnigh do láthair an Tighearna" (Lebh. XIV. 11-12). B'é dualgas na sagart teagasc do thabhairt dos na daoinibh, glanchar is leigheas agus i seirbhís i dtigh Dé.

sagartacht: *b.3.* aiste, céim nó feidhm sagairt. Sagartacht na hÉireann: na daoine gurb é a ndualgas oifig naomhtha do ghabháil: órd na sagart. Cinneadh don tsagartacht go hóg: socruigheadh ar shagart do dhéanamh de.

sagartamhail: *a.* ar chuma nó clódh sagairt; ag baint lé sagart nó sagartacht. Coisceann a ghnóthaidhe sagartamhla air puinn aimsire lé taisteal do dhéanamh: an cúram a leanas feidhm sagairt. Tá sé macánta, mhais, tá clódh sagartamhail air: mar bheadh ar shagart: mín, diadha, neamh-urchóideach.

sagartamhlacht: *b.3.* clódh, cuma, meón an tsagairt. Lé n-a shagartamhlacht a bhíonn sé do shíor ag tagairt do chreideamh is do chúrsaidhe creidimh. Is breágh an lá dhó féin is dá anam é, is leis atá an tsagartamhlacht ag baint: diadhathacht.

sagartóireacht: *b.3.* aiste, céim, feidhm sagairt, dualgas is cúram sagairt. Cuireadh lé sagartóireacht mac aca .i. ag foghluim lé bheith ina shagart. Bíonn sé ag sagartóireacht fén dtuaith .i. ag déanamh a ghnótha naomhtha mar shagart.

saghas: *f.1.* (*iol.* saghaiseanna, saghasanna, saghais) sórt, gné, éagsamhlacht, cineál, nádúir. Cad é an saghas in ao'chor é? an bhfuil éinne a thuigeas é?: duine agus a aigne. Cad é an saghas iad chun gabháil chun an tighe chúcha? .i. an dream iad a bheadh fial, fáilteamhail nó nách eadh? Is iomdha saghas (duine) ar an saoghal so .i. daoine go malairt meóin, nádúra, datha, etc. Ní dhéanfainn díochúis ar neach, ní hé sin saghas in ao'chor me: ní den dtréith sin duine me. Ná cuir aon nath ionta, fág lé chéile iad, oireamhnuighid go maith, an saghas céadna seadh iad .i. níl aon deifridheacht i meón eatartha. Do shaghas-sa d'fhear, cruinn, fuinnte mar thu: ar do chuma déanaimh-se. "Cad é mar shaghas oibre í seo?", ars an té lé n-a mhnaoi nuair ná raibh a chuid bídh réidh ina chóir .i. do chur a mhíoshástachta in iúil. Ní hé sin saghas é .i. tá sé níos fearr 'ná san. Cuireadh trí saighseanna feóla os a chómhair: trí cineáil .i. mar bheadh mairt-fheóil, muic-fheóil is

caoir-fheóil. Is tú an saghas céadna go deó, deó: ní raghaidh aon athrughadh ort. “Tá clann óg lé seachtmhain againn” – “cad é an saghas?” .i. garsún nó gearrchaile. An saghas casóige is fearr i gcóir an gheimhridh .i. an cineál. Fuair sé an saghas a bhí uaidh .i. an bhean is mó a réidhteóchadh leis, etc. etc. Ní bhruicfinn nóimint leis an saghas so, agus stad de .i. an t-iomchar so ní fhoidhneóchainn. “Ar mharbhuigheabhair aon iasc?” – “aon tsaghas”: breac d’aon chineál beag ná mór. Táid ar a dtoil, tá gach saghas aca: gach rud atá uatha. Ní d’aon tsaghas in ao’chor iad, tá deifridheacht mhór eatartha: ní mar a chéile iad. Ní dhéanfaidh an úirlis seo an gnóth, tabhair dom saghas éigin eile: a malairt: rud éigin a dhéanfadh beart.

sáibhéir: *f.3.* (-éara, *iol.* sáidhbhéiridhe) duine a ghearras lé sábh nó lé tuireasc: sábhadóir. Tá deireadh le saidhbhéiridhibh anois ó tháinig muilte.

sáibhéireacht: *b.3.* gearradh, teascadh lé tuireasc. Muileann sáibhéireachta ar siubhal lé huisce. Ag sáibhéireacht sa choill: ag gearradh chrann is adhmaid.

sáibhín: *f.4.* slisneóg thanaidhe éadrom a thógas an plána den adhmad. Leabadh sáibhínidhe sin a raibh fé: cúil díobh chun luighte ortha.

saidhbhir: *a.* ionmhasach, cumasach, gustalach, torthach; go mbeadh mórán saille nó siúicre ann; líonmhar; tiugh, dlúith. Na daoine saidhbhre: lucht an ionmhais, an ghustail, an chumais. Tír budh shaidhbhre ’ná í budh dheacair d’fhagháil, tá ór, stán, gual, cruithneacht is íle siar síos innte: is ionmhasaighe: líonmhar fé nidhthe tábhachtacha, gábhtaracha. “Táir saidhbhir leis” (searbhas): buaidhte leis: mórchuid dá bharr agat. Tá sé saidhbhir le n-a bhfuil d’allfraitsidheacht ina chroidhe .i. níl aon phioc dá bharr aige. Dá mbeitheá agam mar mhnaoi do chuirfinn síodaidhe saidhbhre .i. go mbeadh mianach iongtach, costasamhail ionta. Talamh chómh saidhbhir is tá sa Mhumhain é sin .i. úir mhaith, thorthach ann a thugas barraidhe troma, luachmhara. Cuirfidh an biadh san masmas ort má ithir an iomad de, tá sé an-shaidhbhir: mórchuid suiméir ann: mórchuid saille is siúicre. Duilleabhar saidhbhir ar gach crann: duilleóga go flúirseach ortha. “Agus airís adeirim ribh, gurb usa do chamall dul tré cródh na snáthaide ná do dhuine saidhbhir dul isteach go flaitheamhnas Dé” (Matha XIX. 24): duine go mbeadh ionmhas an tsaoghail seo aige. “Ní thiubhra an saidhbhir níos mó agus an bocht ní thiubhra níos lugha ’ná leath-sheceil an uair do bhéaraid tabharthas don Tighearna do bhur n-anamnaibh” (Ecs. XXX. 15): an té go mbíonn maoin mhór aige. “An t-árd is an t-íseal, an saidhbhir agus an daidhbhir, lé chéile” (Sailm XLIX. 2) .i. an duine go mbíonn líonmhaire de mhaitheas an tsaoghail aca. “Ná saothruigh bheith saidhbhir, scuir ded ghliocas féin” (Sean-ráidhte XXIII. 4): earraidhe an tsaoghail do bhailiughadh chughat. “Acht is anaoibhinn díbh-se, a dhaoine shaidhbhre! óir atá bhur sólás agaibh” (Lúcás VI. 24): iad so go bhfuil gach aon rud saoghalta ar a dtoil aca. “...agus do rinneadar righthe na talmhan striapachas ria, agus atáid ceannaidhthe na talmhan ar n-a ndéanadh saidhbhir lé hiomad a sáimhe” (Tais. XVIII. 3): cónach is ionmhas mór bailighthe aca. Bainne saidhbhir ná féadfá puinn de d’ól: scabhárdach, buacach: sóghail lé n-ól is maith don gcorp. Nách saidhbhir an féar atá ar an dtalamh san, an aoirde is an tiughacht atá ann: borb: solmarach. Cuireadh chughainn ar bórd mórán d’fhíon saidhbhir .i. sóghail, blasta. “Teagmhaidh an saidhbhir is an bocht ré chéile; is é an Tighearna a gcruthuightheóir

uile" (Sean-ráidhte XXII. 2): an té ná bíonn maoin ná seilbh aige. "Duine saidhbhir ag déanamh grinn/ deir gach nduine gur binn a ghlór/ ach is seirbhe ná an searbhán guirt/ an duine bocht ag déanamh ceoil" .i. an té go mbíonn an rud aige is leis a héistightear is go mbíonn an meas air. Is saidhbhre t'anam i láthair Dé gach carthanacht dá ndéinir .i. is móide a chao ar dhul ar neamh. Cré ró-shaidhbhir san áit ní fhásfadh prátaidhe go ró-mhaith innte .i. go mbeadh mianach innte a thabharfadh toradh maith. Is me bheith saidhbhir ní thabharfainn oiread is cianóg do, mar nách fiú é é: breis agus mo dhóthain do bheith agam. Táid saidhbhir fé bhuaibh: cuid mhór, mhór díobh aca. Cuirtí dlioscar cloch i ndath d'fhonn a bheith saidhbhir: dlúith ná rithfeadh sé. "Agus do bhí Ábratham ró-shaidhbhir in áirnéis, in airgead agus in ór": cuid mhór díobh so aige.

saidhbhre: *b.4.* ionmhas, torthamhlacht. Lé saidhbhre na talmhan thabharfadh sé barra ar bharra: feabhas a thabhartha. Bíonn ím maith aige, mar tá saidhbhre ina chuid bainne: suiméar ann. Is é go bhfuil a rian air go bhfuil saidhbhre aige: ionmhas. Saidhbhre an leanna duibhe, biadh is deoch i dteannta a chéile seadh é: lachtas. Is ar shaidhbhre an tsúip seo, goillfidh sé orm: neart is buacacht. Isteach sa bhfóghmhar a bhíonn an tsaidhbhre sa scadán: sóghamhlacht is feabhas lé n-itheadh. Thabharfadh an dúthaigh aon rud lé n-a saidhbhre: feabhas a cré is a buinn.

saidhbhreacht: *b.3.* ionmhas, buacacht, cothuightheacht, oileamhnacht, biadhamhlacht; gustalacht, cumasacht. Ní raibh aon teacht anuas air lé n-a shaidhbhreacht, ní mór go raibh a fhios aige féin cé mhéid a bhí aige: maoin, airgead is áirnéis. Lé saidhbhreacht na tíre bige seo is iomdha mór-thír go bhfuil a súil uirthi: an tréith buinn atá innte chun bídh do thabhairt. An chraobh throm atá ar an gcoirce seo, níl amhras ná go bhfuil saidhbhreacht sa chré a thug é: buacacht: torthamhlacht: mianach go bhfásfadh toradh go líonmhar, iomadamhail innte. Ní lé n-a saidhbhreacht a phós sé í ach lé n-a háilne: an méid airgid, ionmhas nó a chómh.

saidhbhreas: *f.1.* ionmhas, maoin, gustal, oileamhnacht, biadhamhlacht; buacacht. Níl aon tsaidhbhreas in iascaireacht .i. ní féidir mórán airgid do dhéanamh as. Ní gábhadh d'fhear an tsaidhbhris bheith ag brath ar éinne: an té a bhíos os cionn a chumas: go mbíonn airgead, strus an tsaoghail air, nó a chómh aige. Is mór gur fearr saidhbhreas na bhflaitheas 'ná saidhbhreas saoghalta: gnóthughadh na beatha síoraidhe ná maoin dá mhéid a bheadh ag duine annso. "Is iad lucht an tsaidhbhris iad", deirtear lé daoinibh a bhainfeadh preab asat leis an méid de strus an tsaoghail a bhíos aca. An lá a bhíonn bean mhaith agat bíonn saidhbhreas agat .i. is fiú ór a leithéid. Seo pinginn des gach éinne agaibh, a leanbhaidhe, ní haon tsaidhbhreas a dhéanfainn de .i. ar a gcoimeád ní thiocfaidís chun suime. Saidhbhreas díomhaoin innile gan aodhaire: dá mhéid do thréada, mara dtugtar aire dhóibh ní thagann aonnidh dá mbarr choidhche. Dá mbeadh saidhbhreas Dhéamair aige chaithfeadh sé leis an gcroidhe mór atá aige: an t-aimeón airgid nó maoine. Ní haon tsaidhbhreas a dhéanfair tríd chníopaireacht is sprionnlaitheacht: cisde, airgead nó sealbhamhnas in iomadamhlacht. "Is córa ainm mhaith do bhreith de roghain ná saidhbhreas mór agus cineál grádhach tar airgead is tar ór" (Seanráidhte XXII. 1): ionmhas: strus in airgead nó i sealbhamhantas. "Connus do cuireadh fá neamh-nidh comhmhór sin de shaidhbhreas ré feadh aon uaire" (Tais. XVIII. 17): an oiread san gustail, cumais, struis is ionmhais shaoghalta. Thuit sé chun saidhbhris lé n-a fheabhas

chun an tsaoghail: tháinig breis is cónach ar a chuid. “Óir an uile shaidhbhreas rug Dia ó ár n-athair, is é sin ár gcuid-ne agus cuid ár gcloinne etc.” (Gen. XXXI. 16): conách ar gach saghas slighe, i maoin is in airgead ’si strus. Tá saidhbhreas síolta dhá dhíol aca ann ó scata tíortha: síolta éagsamhla. Riamh ní fheaca i ndraip é ar cad budh cheart do do rádh, tá saidhbhreas focal ar a chur aige: mór-chuid Éireann. An lasadh sláinteamhail atá suas ina aghaidh tá saidhbhreas fola ann: iomadamhlacht. Dé bheatha an saidhbhreas, tagann an bhochtanacht uaithi féin: fáilte roim an mhaith. Is cruaidh, dian iad saidhbhreas bodaigh is bochtanacht duine uasail .i. an duine mursanta, doichilleach, strusamhail i gcómhnáird leis an bhfear mbocht go mbíonn an croidhe flaitheamhail, uasal aige. Ar shaidhbhreas an domhain, agus is mór an focal é, ní thabharfainn tarcuisne do dhuine bhocht: ar rud ar bith dá luachmhaire. “Saidhbhreas seadh a leithéid”, deirtear lé haonnidh luachmhar nó a dhéanfadh maitheas mhór. Budh bhreágh leat bheith ag itheadh na n-ubhall a fhásas ann, lé n-a saidhbhreas: a sóghmhalacht is a mblastacht. Maoididh go bhfuil saidhbhreas na cruinne aca .i. gach flúirse de gach ganna a bhíos uainn. “Do haontuigheadh eagna is eólas duit; agus do bhéarfaidh me saidhbhreas duit agus maoin agus onóir, a leithéid nách bhfuair aon de na righthibh a bhí rómhat, agus nách bhfuighidh éanduine id dhiaidh a leithéid” (2. Croinic I. 12): ionmhas gach ruda. Árduigh leat é, ní haon tsaibhreas é: rud nách fiú mórán é.

saidhbhrighim: *b.a. 7 n-a.* méaduighim in ionmhas, leasuighim, feabhasuighim. Saidhbhreóchair fós, ní raibh lámh fhlaitheamhail ag neach riamh mar thu ná go ndéanfadh: tuitfidh ionmhas ort: méadóchair in airgead nó i maoin shaoghalta. Caith siar ar do chroidhe é sin, saidhbhreóchaidh sé an taobh istigh agat: neartóchaidh is feabhasóchaidh. Deir feirmeóiridhe ná fuil aon leasughadh a shaidhbhrigheas talamh mar an t-aoileach buaile: a fheabhasuigheas: a chuireas ar aiste níos torthamhla é. Níor shaidhbhrigh an chaimeacht neach riamh: dá barr ní tháinig aon bhreis maoin ar neach nó má tháinig do leaghaidh airís leis an aimsir. Saidhbhreóchair an phraiseach a thuilleadh plúir do chur innte: neartóchair í. Shaidhbhreóchadh sé ár dteanga breis d’fhoclaibh na sean-Ghaedhilge is na meádhon-Ghaedhilge do ghlacadh innte in ionad bheith ar thóraidheacht fuirmeach nuadh: d’fheabhasóchadh í. Nár shaidhbhrighidh an bhuntáiste thu: faic dá barr ná raibh agat. Níl aon dúthaigh ná go saidhbhrigheann tráchtáil is conbharsáid: go méaduigheann a hionmhas. Níor shaidhbhrigh an inchinn puinn agat leis an méid scolaidheachta do fuaireas: níor chruinnigh sí puinn den eolas aiste. Saidhbhrigheann sé clódh na dtighthe a ngealadh is gaiste do chur fé dhoras is fé fhuinneóig: méaduigheann sé a mbreághthacht. Ní shaidhbhreóchaidh éinne leis go bhfuil baint ar bith aige leis: ní fearrde é.

saidhbhriughadh: *f.* (*-uighthe*) d’fheabhasughadh i mianach, do mhéadughadh i maoin, ionmhas. An talamh ná déintear an saidhbhriughadh air le haoileach is leasughadh ní leanann de thoradh maith do thabhairt: feabhasughadh: mianach na talmhan do dhéanamh níos fearr. Is mór an saidhbhriughadh ar aon dúthaigh go mbíonn gual, copar is stán: an cur chun cinn in ionmhas. Saidhbhriughadh ar an dté gráinne breise do chur uirthi: feabhasughadh: neartughadh. An bhfuilid ag saidhbhriughadh ar an mbaile ó chuireadar an siopa chúcha?: an bhfuil breis de strus an tsaoghail ag teacht ortha. Is cuma dhíbh, a scata amadán, ach bheith ag caitheamh bhur gcoda ar an seafóid d’bhur mbochtnughadh féin is saidhbhriughadh dhaoine eile: ag cur breise ina bpóca. Ní maith is ní lán-mhaith a

slighe chun Dé bheith ghá saidhbhriughadh féin ar bholg na ndaoine mbocht .i. bheith ag bailiughadh breise sochair.

saighdeach: (**saghadach**) *a.* armtha le saigheadaibh, gonta; gearrthach. Dhéanfá do ghnóth chómh maith agus is buidhthighe beifí dhíot gan teanga chómh saighdeach do bheith agat: goirtightheach. Gaoth shaighdeach ann anoir adtuaidh a fheannfadh an choirt de chrann: géar, fuar, feannaideach. Thug sé fúm go saighdeach: bhí nimh ar chugham: gonta. D'ionnsaidh sluagh saighdeach sinn in uaigneas na foraoise: go raibh saigheada mar airm aca.

saighdeadh: *f.* (*-dte*) (do) spriogadh, (do) bhrostughadh, (do) ghríosadh, sháthadh. Ní maith é a bhéas bheith ag saighdeadh chun achrainn: ag spriogadh: ag cur fé. Ól dá shaighdeadh aca go sacann siad iad féin: ghá chaitheamh ina shlaodaibh. Cuireadh an dlighe air i dtaobh bheith ag saighdeadh a mhadra lé caoiribh a chómharsan: ag séideadh fé chun bheith ghá mbuaidhreamh. Deir na Seapánaigh go raibh na Ponncáin ghá saighdeadh chun cogaidh lé fada: ag cur ortha ná féadfaidís foidhneamh a thuilleadh leo.

saighdeóir: *f.3.* duine a chaithfeadh lé saigheadaibh chun marbhtha, fiadhaigh, etc.; duine cliste ar bhogha is saighead. "Teichfidh an chathair go hiomlán ré tormán an mharcshluaigh agus na saighdeóiridhe; raghaid isteach i ndoiribh agus draipfid suas ar na carraigibh; tréigfighthear an uile chathair, agus ní bhia duine ina chómhnaidhe ionnta" (Ier. IV. 29): boghadóiridhe: daoine a lámhachas lé bogha is saighead. Níor mheasa dhuit saighdeóir ghod bhualadh 'ná é .i. ghoinfeadh sé go dian duine. "Agus do chuaidh an cath go cruadhálach in aghaidh Sháil agus d'amusadar na saighdeóiridhe é; agus do bhí ar n-a loch go mór ó na saighdeóiríbh": lucht caithte saighead lé boghannaibh.

saighdeóireacht: *b.3.* ionnramháil bogha is saighead i gcogadh nó i bhfiadhach; tionól saighdeóiridhe.

saighdim: *b.a.* spriogaim, gríosaim, brostuighim ar, sáthaim, greadaim. Ná saighd chun cainnte me nó má osclaim mo bhéal ort beidh sé d'aithreachas ort: ná gríosuigh me. Saighdfir é má deirir leis go rabhthas ghá cháineadh: brostóchair chun feirge é. Is é an diabhal a shaighdeann ortha chun droich-ghníomh do dhéanamh: a ghríosann fútha.

saighdiúir: *f.3.* fear airm, fear móir-mheisnigh, fuilngtheach. B'fhearr liom dul sna saighdiúiridhibh 'ná a leithéid de chéird do tharang orm .i. tuigtí gur bh'é an t-urchar déidheannach lé duine luighe lé harm Shasana. Tá callóid an tsaighdiúra beartha riamh air sin: gabhtha trí mhórán anacra aige. Fágadh im sheasamh im shaighdiúir me gan éinne do chur aon tsuime ionam: gan corruighe asam mar bheadh saighdiúir ar foraire. Dá mhéid dá aois atá tagtha tá seasamh an tsaighdiúra fós aige: díreach ar nós an ghaine. "Saighdiúiridhe Shéamais an Chaca do thugaim-se ortha san", ars an té go raibh sean-bhlas ceart air trí cheal meisnigh daoine éigin. Árd-thréail atá tugtha uaidh aige ar a bhfuil de thinneas is d'iomard air, saighdiúir maith seadh é .i. tá sé meisneamhail, fuilngtheach. Bí id shaighdiúir tabhair aghaidh air, ná cál órdlach: bí it fhear mheisneamhail, neamh-eaglach. Na saighdiúiridhe dearga: seach-ainm ar arm Shasana toisc an chótáin dheirg. Saighdiúir mná í siúd ná beadh eagla aice roim lán parróiste: bean

chuthaigh, mheisneamhail. “Agus ar dteacht dúinn don Róimh thug an captaen na bráighde d’árdghinearál na slógh agus tugadh cead do Phól bheith ris féin a bhfarradh saighdiúir do choimeádfadh é” (Gníomhartha XXVIII. 16). “Uime sin fulaing-se anshógh mar shaighdiúir maith d’Íosa Críost” (2. Tim. II. 2): críostaidhe meisneamhail neamhghearánach. Ní h-aon tsaighdiúir thu is a rádh ná fuilngeófá an dealg san do bhaint gan béicigh: duine a thabharfadh aghaidh ar phian go meisneamhail. Duine d’árd-shaighdiúiridhibh an domhain mhóir dob eadh Neapóilean: fear go raibh tréithe iongtacha áirighthe míleata aige. Is iomdha duine go néann an braon cruaidh saighdiúir de .i. meisneach sealadach. B’é an saighdiúir ródha é is aghaidh do thabhairt ar an sluagh mór san ina uath is ina aonar: fear lán-mheisneamhail. “Ina dhiaidh san an uair do chrochadar na saighdiúiridhe Íosa do ghlacadar a chuid éadaighe agus do rinneadar cheithre codanna dhíobh, cuid do gach saighdiúir, agus a chóta mór mar an gcéadna; agus do bhí an cóta gan fuaigheáil [ann] ar fighe síos ar fad” (Eóin XIX. 23). Saighdiúir lé (de) Íosa Críost: críostaidhe a bhíos i ndáiríribh cheart. Tháinig sé i gculaith saighdiúra: a éide air.

saighdiúireacht: *b.3.* gairm nó feidhm saighdiúra; ródhacht; meisneamhlacht. Rinne sé saighdiúireacht ar fuaid an domhain, ag imtheacht ó dhúthaigh go dúthaigh mar a mbíodh aon tsalacharáil cogaidh: throid sé mar shaighdiúir. Mara mbeadh ealadha na saighdiúireachta do bheith ar a dtoil aca ní thabharfaidís an oiread san seasaimh uatha agus atá: slighe is beart troda do chur. B’fhearr liom dul lé saighdiúireacht ná dul ag obair don bhodach: dul in arm: dréir deallraimh níor mhór an meas a bhí ar shaighdiúir in arm Shasana dá mhéid dár muinntir a luigh leis. Tabhair saighdiúireacht mhaith uait, a bhuachaill, ná cailleadh do mheisneach ort, is ní baoghal duit: ná leig don eagla greim d’fháil ort. Níl faic anois aige ach dul lé saighdiúireacht .i. níl rud eile lé déanamh aige ná lé fagháil lé déanamh. Budh lán-mhór an tsaighdiúireacht do dul ina measc is an gomh croidhearg aca chuige: ródhacht is meisneach.

saighdiúrtha: *a. n-dh.* ródha, calma, ar dheallramh is chuma an tsaighdiúra. Ní fhéadfá gan stad is amharc air, ar an gcuma shaighdiúrtha atá air: seasamhach, luath, éascaidh. Níl iomchar saighdiúrtha fé mar budh cheart do: ní iomcharann é féin ar shlighe mar bheadh súil lé saighdiúir ghá dhéanamh. Tugadh fé ndeara go luath san arm a thréithe saighdiúrtha: tréithe míleata, meisneamhla, sriantacha, smachtuighthe. Ní furaiste líonrith do chur air, leis an intinn shaighdiúrtha atá aige: aigne fhaidtheadhlach, chiúin, dhaingean.

saighead: *b.2. ₇ 3.* slat fhada, chaol, go rinn ghéir is ceann go gcleite air; caithtear as bhogha é; doigh, freang, greim tinnis; aon rud tapaidh gontach. Saighead is bogha. Ag greadadh liom chómh mear agus bhí im chroidhe agus bheadh dul éigin agam ar na cosaibh do bhreith liom mara mbeadh an tsaighead reatha a tháinig im chliathán, go raibh orm stad: greim reatha: pian gonta obann de dheascaibh an ráis. Chaith sí saighead an ghrádha leat, a bhuachaill, táir clogtha aice: buailte go trom. Is geall lé saighead nimhe an fuacht atá indiu ann .i. fuacht a thollfadh tríot isteach go pianmhar. Na saigheada solais a bhí dhá chaitheamh ag luing chogaidh bhainfeá an fhrig leo: gathaidhe láidre, lán-ghéara. Saighead ina chroidhe dob eadh scaramhaint leis an áit a bhí ge n-a shinsearaibh an fhaid sin bliadhan: ghoill sé go han-mhór air. Ar nós an tsaighid nimhe atá sé .i. “nimh ar gach órdlach de”: luath-lámhach, mear, tapaidh chun gnótha. Ní fheadraís cad budh cheart duit

do rádh uaireannta leis, tá sé ar nós an tsaighid nimhe .i. do phreabfadh chughat go tapaidh is níor dhídean faic ar a theangain duit. Caitheadh an saighead leis .i. do thuit sé i ngrádh. As an rás do stad sé de shaighead gur bh'ait lé n-a raibh ag féachaint air cad thárlaidh dho: go hobann. Bainfir mo chiall díom cad tá uait id sheasamh id shaighead annso ag féachaint orm-sa: cruinn díreach gan cor. Ní saighead liom a chlos gur baineadh an bhéic sin as mar do bhí an iomad tóirtéise ann: ní holc liom é: ní ghoilleann orm. Is iomdha saighead ina bhogha san: is iomdha iarann a bhíonn sa teine aige nó ní bhíonn easbhaidh tionnscail air: duine ioldánach. Taidhbhsigheann a chuid cainnte anois chómh neamh-dhíoghbhálach lé bolgán follamh saighead!: an mhealbhóg a iomcharas iad. "Atá a dteanga amhail saighead caithte amach; adeir sí cluain; labhraidh duine go síothchánta ré n-a chómharsain lé n-a bhéal, acht ina chroidhe cuiridh sé luidheachán air" (Ier. IX. 8): chómh goirtightheach leis an saighead a raghadh tríd an bhfeóil agat. "Cruachfa me uilc ortha, caithfidh me saighde riu" (Deut. XXXII. 23): briathra géara gonta. "Atá m'anam ameasc leómhan; luighim ameasc druinge atá ré teinidh [eadhon] clann na ndaoine, d'ár gaethe is saighde a bhfiacla agus gur cloidhmhte géara a dteangtha" (Sailm LVII. 4): gonaid go croidhe me.

saighead-: *i gcfbh.* géar, gonta. Chaitheadh sé leath a shaoghail ag saighead-amharc na mara lé fonn chun raice, d'fhéachaint an mbeadh aon rud uirthe: ag faire uaidh amach go géar. Leig dom léi mar mhnaoi, níor bhuail éinne riamh liom chómh saighead-bhéalach léi, chuirfeadh sí crith-eagla ort: géar, masluightheach as a teangain. Ná bí ag saighead-dhearcadh mar sin orm budh dhóigh lé duine gur díochúis éigin a bhí déanta agam ort: ag stealladh féachaint. Saighead-fhiacla nár mhór duit chun na feóla san do mheilt chómh righin sin agus í: fiacla faobharamhla. Is claoidhte é saighead-ghalar an ghrádha: ceasnaidhe a bheadh ag gabháil tríd an gcroidhe. Nuair chonnaic sé an tigh is saighead-lasracha ag éirghe anáirde go spéir as d'athain sé go raibh lom-scrios déanta ag an dtóiteán: lasracha a bhí ag léimeadh go nimhneach. Dheineadh a chlann gach aon rud budh mheasa 'ná a chéile go mbíodh siad ghá shaighead-mhilleadh i nganfhios d'éinne beó: go gcuiridís freangaidhe tinnis trí n-a chroidhe. Tháinig sé chugham ina shaighead-rith ar éirghe lae gan leath a chuid éadaigh air: ins na tréintibh: chómh mear is bhéarfadh a chosa leis é. Sin é, is breágh é do shaoghal, tabhair an lá annsan id shaighead-sheasamh: i seasamh gan cor asat mar bheadh staic i dtalamh. Leigfead do faid leigfidh dom, seachnóchad me féin ar a shaighead-theangain: géar, gonta, borb.

sailéartha: *a.* spirideamhail, soilbhir, sultmhar. Dá mbeifeá ina theannta ar feadh an lae ní mór go labharfadh sé fiche focal leat, creid me leis nách cuideachta shailéartha é: soilbhir: go bhfaghfá sásamh a bheith ina fhochair. Buaileann sé chugham aníos an tsráid go gealgháirteach, chómh sailéartha is dá mbudh dul dhá phósadh bheadh: lán de spirid, is do shoilbhreacht. Bíonn oidhche shailéartha aca oidhche an dreóilín maidir lé ceól, rinnce, is amhráin, is cuideachta: oidhche shuairc.

saighim: *b.a.* ionnsaidhim, téighim i ndáil, téighim i ndiaidh ruda, tóruighim. Níl caora sa pharróiste ná saigheann an madra san í, níl coimeád ná cosc air: ná tóruigheann, cluicheann. Saigheann an eascú a cuid i slab na habhann: loirgeann. "An sluagh ná saigheann saightear", ná hionnsaidheann: ná tugann iarracht fúithi .i. bíodh an chéad

bhuille agat. Má shaighir an bealach san seachain thu féin, tá an fharraige an-dhiamhair ann: má téighir ina goire.

saighne: *f.4.* líon mór barr-uisce, iomchair ar a bhonn chun a choimeád ina sheasamh, cuirc ar a uachtar chun a choimeádta ó shúncáil; tairngtear chun a chéile a dhá cheann chun an éisc do theanntughadh. Saighne cloiche: líon dá shaghas go gcoimeádfí ceann de i dtalamh faid bheadh chor dhá thabhairt ar an iasc: aon tsaghas mór lín anois. Bád, cor, etc. saighne.

saighneán: *f.1.* caor theineadh ón spéir, splannc, anfadh. Tháinig saighneán ar an bhfuinneóig a las an seómra go bhfeicfeá an biorán ar an úrlár: splannc lasrach. Níor chuala aon tóirneacha cé go raibh teine shaighneáin fén spéir laistiar: splanncacha móra, fairsinge. Buaileadh me chómh hobann, neamh-choinneamhail is dá mbudh saighneán teinntidhe a dhéanfadh é: splannc tóirnighe. Saighneán ón spéir a bhain an mullach den spíce carraige: caor theineadh. Tagann saighneáin ghaoithe salach anuas ón gcnoc annso sa cham a bhainfeadh préamhacha as thalamh: cócha troma, fuinneamhla. Tá an lá ina shaighneán orainn, ní misde dhúinn a bheith istigh uaidh, bhainfeadh sé an croiceann den gcat féin: ina stoirm.

saighneóir: *f.3.* iascaire saighne .i. a chuirfeadh cor lín ar iasc in ionad iascach lé líontaibh cuir nó líontaibh fionnraighe.

saighneóireacht: *b.3.* iascaireacht shaighne. Bád saighneóireachta: bád oireamhnach chun cuir do chur ar iasc. Baintear an bonn ón saighne (tairngtear ar an mbonn aige) is téigheann an t-iasc siar i mborb (bolg) an lín mar a mbíonn sé teanntuighthe. Ag saighneóireacht bhradán: ghá n-iascach lé cor do chur ortha. Táthar ag saighneóireacht ort: d'iarraidh teacht tímcheall ort chun ruda éigin do bhaint asat.

saightheach: *a.* ionnsaidhtheach, curtha-isteach, sanntach, sáithteach. Táid saightheach tímcheall talmhan, dhruidfidís claidhe amach ar thaobh bóthair: sanntach. Riamh do bhí Sasana saightheach i dtaobh talmhaintidhe thar lear, in aon áit go bhfaghadh an lom air bheadh sí sáithte isteach ann: canntálach. Sin mar bhíonn ag tíorthaibh laga i gcómhnaidhe, tíortha láidre saightheach ortha: ag canntáil a dteórann. Is cuma anois céaca an dream saightheach sa chogadh so tá an scéal is an saoghal ina fruis frais aca .i. céaca taobh a ionnsaidh ar dtúis.

sail: *b.2.* aon rud mór, trom, láidir, bíoma; saghas crainn go mbíonn beangáin chaola, sho-lúbtha air; bata. Is mór an náire det leithéid de shail fir bheith díomhaoin lá breágh gréine mar seo: fear mór. Rug sail mhadra orm a bhíodh ag faire an tighe aca nuair bhíos ag bradaidheacht sa gháirdín: maistín: madra go raibh oiread d'aon toirt ann. Id shail annsan cois teineadh (lé táir) .i. duine toirteamhail neamh-mhaitheasach. Sail chait ná fágadh faic fe iadhadh an té gan réapáil: cat mór gur fusa leis biadh d'fhagháil gan bheith ghá thóraidheacht. Dá sintí sail anois fo-uair ní bheadh sé chómh leisceamhail agus tá sé: bata, cleith. Chídhfeadh sé an frighe fé shúil chách ach ní fheicfeadh sé an tsail féna shúil féin: an locht is lugha ar ár gcómharsain tugaimíd fé ndeara agus ní leigfimís orainn choidhche ár dtrom-lochtaidhe féin. An rud atá déanta anois agat ní dhéanfadh é ach sail

amadáin: ceann críochnuighthe. “Ar mharbhuighis aon bhreac?” – “dhá shail”: dhá ceann mhóra, troma. Ní céisteanna iad ach saileanna muc: muca troma, reamhra. Sail coille ar snámh ar an linn: smut mór de chrann. Níor bh’aon nath liom leanbh ghá dhéanamh ach mo shail fir: stúmpa mór fir. Sailtreacha breac, etc., etc.

sail: *b.2.* Sail na gcuach: saghas samhaidh.

sailche: *b.4.* aiste bheith salach, salachar, draostacht, neamh-ghlaine. Cé shuidhfeadh ar bórd leis lé n-a shailche, tá boladh uaidh: bréantas, brocamas, salachar. Cluas ní thabharfainn do lé sailche a theangan: gáirseamhlacht: a chainnt neamh-gheanmnaidhe. Ríobal as a híochtar lé sailche an bhóthair: plúda is draoib. Aon cháiréis ní gábhadh dhuit do bheith ort i dtaobh san d’itheadh, níl aon tsailche air .i. tá sé glan. Go dtí go dtagaidh anamamhlacht ghaoithe ní imtheóchaidh an tsailche seo as an spéir: scamaill is báisteach. Táid ithte ag an sailche sa bhothán san: salachar is neamhghlaine dul ceangailte isteach ionta. Níor fhág a mháthair sailche ná easbaidh air: thóg sí go glan deighbhiadhta é.

sailcheacht: *b.3.* bréantas, neamhghlaine, truailleacht, salachar, gáirseamhlacht, feall-chaimeacht; neamh-chórach. Féach ná féadann sé dá fheabhas a bítear do, gan an tsailcheacht do theasbáint gach uair a gheibheann sé cao ar an díoghbháil do dhéanamh: an feile-bheart atá geinte istigh ann. Níor lugha aige lámh do chrothadh leat ná tú do sháthadh, tá an tsailcheacht ann: an feall lé linn na caoi d’fhagháil. Labhair níos mánla, cá bhfuil do ghábhadh leis an sailcheacht béil seo?: an gháirseamhlacht, an chainnt gan geanmnaidheacht, truailleacht chainnte. Gan do bhróga is do chuid éadaigh do lat ní fhéadfá gabháil tríd an áit sa gheimhreadh lé n-a shailcheacht: salachar: guta, plúda is fliuchán: draoib. Ní fada ó bhaile do chidhfeá lé sailcheacht na hoidhche: duibheacht, scamallacht is fliche. Caithfear na léinteacha do nighe lé n-a sailcheacht: iad ar aiste neamh-ghlan: teimheal do bheith ortha. Bheadh sé i bhfad ró-chonntabharthach seól do chur as an mbád lé sailcheacht na gaoithe: í do bheith ag séideadh ina cóchaibh nó ina cam-fheóthannaibh. Chuaidh an t-ancaire i ngreim is níor bh’fhéidir a bhogadh lé sailceacht thóin puill: carraigeacha, feamnach nó achrann eile.

sáile: (**sáille**) *f.4.* uisce guirt na farraige; an fharraige; an bhóchna. I gcionn seachtmhaine beid ar an sáile: ag seóladh ag teacht nó ag dul thar lear. Nuair bheadh bád nó long go duaibhseamhail i bhfarraige, deirtear, “tá sáile ag gabháil lastuas di”: tonnaidheacha ag briseadh ina coinnibh is uisce ag imtheacht dá druim. “Tá na Franncaigh ar an sáile” ag teacht thar lear. Cath sáile: cath farraige. Is iomdha braon sáile riamh feicsighthe (gabhtha tríd) aige: cuid mhór dá shaoghal caithte ar an bhfarraige aige. “Braon sáile níor thóg sí”, deirtear lé bád nó luing a bhíos go maith chun farraige. Ag cur sáile ins an aer .i. bád nó long nó ainmhidhe farraige ag gluaiseacht go mear. Ní sáile atá eadraibh ná raghadh sibh ar thuairisc a chéile .i. ní haon chosc atá oraibh dá mbudh mheón libh cuaird do thabhairt ar a chéile. Lé n-a ghortaighe ní thabharfadh sé deoch den sáile dhuit gan bac lé rud is fearr ná í .i. tá an mío-ádh lé sprionnlaitheacht air. Lá fiadhain, borb go raibh sáile ag teacht go féar glas: farraige cháithteach. Budh bheag an chúis curtha thar sáile a bhí air, caora do ghoid: é do dhíbirt as a thír féin is do chur i gcoilín duaidhnéise seal.

sailéar: *f.1.* cúlbháidh, iorlann; seómra fé thalamh; áit clúduighthe chun guail etc. do choimeád ann. Ól siar é tá sailéar maith sa tigh seo: cuid mhaith dighe i dtaisce ann. Is é go mbíodh an sailéar teann aige: go leór fíona i dtaisce. Cuarduigh an sailéar .i. cuarduigh an áit go mbíonn rud maith i dtaisce. An sailéar follamh ó ghual: an poll go dtaisctear ann é. Tá rud ina sailéar súd .i. tá biadh, etc., go leór aca. Cé atá os chionn an tsailéir annso?: i mbun na dighe do riar.

sáil-ghiolla: (**sál-gh.**) *f.4.* freastálaidhe búird, duine a bheadh istigh is amuigh ag freastal ar dhuine. Táim im sháil-ghiolla ar fad aige: ní chuireann sé féin cor as, mise ag déanamh gach rud dá shuaraighe dho: nách mór im bhais chait. Tá sé féin is a sháil-ghiollaidhe chugham: a lucht leanamhna: dream ná fágann in ao'chor an chos aige.

sailim: *b.a.* truaillighim, teimhealuighim, téighim i bhfliche, dísbeagaim, cuirim can ar. Saileóchaidh an lá: tiocfaidh báisteach nó ceódhmharán. Ná bac an t-éan a shailigheas a nead féin: an té a chliseas ar a fhoirinn nó a néas rud in aghaidh an nidh a bhíos ghá mhúineadh aige. Ná sailigh mise sa chúrsa, mar ná fuil baint ar thalamh na ngrást agam leis: ná beir mise i dtreis ann. Go bpósfad sí thu? bíodh ciall agat, ní shaileóchadh sí í féin leat .i. oiread agus baint leat ní dhéanfadh sí. "An raghfá ag bruighean liom?" – "ní shaileóchainn mo lámha leat" .i. an oiread san dí-mheasa agam ort ná buailfinn barra méire ort. Do shailigh an bhunóc an leabaidh: dhein sí a suidheachán (cac) innte. Níl aon leigheas aige air anois tá a chlú imthighthe, shailigh sé é féin ró-mhór .i. rinne sé rudaidhe neamh-chearta. An té a shaileóchadh leabaidh fir eile is aithiseach an rud do: a thruailleóchadh is a dhéanfadh drúis lé n-a mhnaoi. Má choruighir tóin na habhann saileóchair an t-uisce: measfaidh an salachar leis is tiocfaidh dath dorcha air. Sailigheann stocaidhe bána gan puinn cúise: teimhealuighid: tagann salachar ortha a mhúchas a ndath. B'fhuraiste aithint cár ghaibh an gadaidhe mar shailigh sé an casán leis an slaid: d'fhág sé rian ina dhiaidh. Ní shaileóchadh súd a bhróga in ár dtigh-ne: duine ró-mhórchúiseach ann féin chun cuairde do thabhairt orainn.

sailiughadh: *f.* (*-uighthe*) do thruailliughadh, d'aithisiughadh, do náiriughadh, do theimhealughadh, d'fhliuchadh. Mara mbeadh an sailiughadh báistighe sin a tháinig do bheadh an féar sábhálta indiu: tuiteam a fhliuch é. Tugaim fé ndeara an abha ag sailiughadh: ag dul i ndoiléire: an draoib ar thóin nó salachar eile ag doirchiughadh an uisce. Ní mór an scuabadh ná an glanadh a theastuigheas ón gcasóig, ní mór an sailiughadh uirthi: teimheal salachair. Tar éis a shailighthe do ní leigfeadh náire dho fanacht ameasc na ndaoine gur bhailbh sé leis .i. rud éigin mí-chreidheamhnach éigin do dhéanamh: aithiseach. Faigh an raca is rácáil an sailiughadh féir atá ar an ngort: ruibidhe féir tirim scaipighthe ar a fhuaid. Tóg do cheann go hárd, níl aon tsailiughadh ar t'ainm, dheinis do dhícheall, is má theip ort, ní hort a bhí an locht: aon teimheal: an rud a thuillfeadh táir ná milleán.

sailiuighthe: (**sailighthe**) *a.r.* teimhealuighthe, náirighthe, aithisighthe, truaillighthe. Caithfead a admháilt go bhfuil sé chómh sailiuighthe ann lé haon duine eile: cionntach. Fairír géar, is minic m'anam sailiuighthe agam lé peacaidhibh gránda: teimhealuighthe: smál curtha air. Mo bhróga sailiuighthe gen sean-bhóithrín: plúda ortha.

sáilín: *b.4.* sál bheag, ceann den dá sprochaid ghearra de leathlaidhthibh trucallach a bhíos siar aiste, ceann des na blúiridhibh árduighthe a bhíos fé chrúdh; cliath bheag ar sháil stoca, fuighleach beag. Fág an t-ualach sa cairt is beag ar a sáilínidhibh í: ar sprochaididhibh deiridh na leathlaidhthe. B'fhearr an greim bheadh ag an gcapall ar an dtalamh dá mbeadh sáilínidhe fes na cruicibh. Ní fiú dhom lasán do chur ar an ndúdóig seo níl innte ach sáilín: blúirín ar a tóin. Tabhair dom an tsáilín aráin sin, bíonn an-dhúil agam innte: blúire deireannach den gcrústa. Níl i mála an phlúir ach sáilín: rianán.

saill: *b.2.* blonag, gréis, úsc, geir, méathas, bagún. Táir ag cur saille suas .i. ag dul i mbeathuightheacht. Tá saill ag an mbuachaill is a rian air, deirtear lé duine go mbíonn clódh cothuighthe air: feóil shaidhbhir is gach rud eile dá fheabhas. "Saill go gcuiridh fé ort" (leamhas) deirtear lé duine go mbíonn sainnt air chun ithte. Ar shaill do bheith agam ní thabharfainn blaiseadh a phuis do: biadh dá fheabhas: sóghalaistidhe is ollmhathaistidhe. Tá ceól lé n-itheadh ann, an mart saille: ainmhidhe sár-chothuighthe. Budh mhaith an earra ar an bpláta é bhí brat saille ar a easnaidheachaibh: aoirde blonaig. Ar nós na saille, bheadh gach blúire dá chuid feóla: an-mhéith, ag leaghadh lé saidhbhreas. Gan geir ná saill ort .i. choidhche nár thagaidh bláthas ná feóil ort. Dúil bheag gan feóil gan saille: créatúir bocht, lom, léirighthe: níl i dtabhairt. Ní hí an tsaille is fearr liom: an chuid mhéith den bhfeóil. Cuirfidh san saille ar an easna agat: blonag geir: déanfaidh beathuighthe láidir thu.

sailleach: *a.* lán de shaill, smearthach, úscach. Feóil ró-shailleach dom seadh í, tá eagla orm go gcuirfeadh sí masmas orm dá n-ithinn breis di: feóil ró-bhán ró-mhéith. Mairt shailleacha: beithidhigh mhóra, throma, chothuighthe. An chaora budh shaillighe dár mhairbh sé riamh: is mó go raibh geir innte.

saillte: *a.r.* leasuighthe lé salann, peicilighthe. Dá mbeadh an t-iasc saillte ina cheart ní bheadh blas cabhruighthe air: go leór salainn curtha air. Is maith go mór liom iasc úr-shaillte .i. nuair bhíonn blas an tsalainn tar éis lae nó dhó. Feóil úr-shaillte: ar shalann seal beag. Cuireadh an iomad salainn air tá blas ró-shaillte air: guirt.

saillteacht: *b.3.* aiste bheith ar salann. Beir ag ól uisce i rith an lae lé saillteacht an éisc sin: guirteamas. Baineann saillteacht uisce na mara a mheabhair d'éinne a ólas an iomad le linn tarta: guirteamas.

sáimhe: *b.4.* soghacht, suaimhneas, socracht, síothcháin, ciúnas, áthas, sádhaile, soghachas. Má théigheann tu chun sáimhe raghaidh sé sa chnámh agat: má leigir chun leisce thu féin ceanglóchaidh sé ionat is déanfaidh galar de. An tsáimhe go léir, gan deabhadh, gan deithneas, gan imshníomh: socracht thar barr. An tsáimhe atá air ná músclóchadh úird mhuilinn an iarainn é: é ina "charn codlata". Cé chreidfeadh ar sháimhe na farraige indiu go réabann sí mar dheineann le linn stroime: socracht: neamh-chorruightheacht. Sáimhe an domhain atá indiu orm níl fonn corruighthe orm: suaimhneas cuirp is aigne. D'fhan an choinneal ar lasadh fén spéir lé sáimhe na hoidhche: ciúnas, socracht is ceal gaoithe. Tamall dá shaoghal rug cruaidh go maith air, tá sáimhe anois aige ó tá sé os chionn a chumais: suaimhneas is nidhthe ar a thoil. Pé in Éirinn é tá sáimhe an tsaoghail seo aca: pléisiúir. Sáimhe mo chroidhe thu a Dhia bheith buidheach

díom: áthas thar meón. An tsáimhe a bhíonn ar bhreac ruadh lá gréine ina luighe ar thóin puill: suaimhneas idir chodladh agus dhúiseacht. Cuireann an iomad bídh sáimhe ar dhaoinibh: mairbheacht ná bíonn fonn ná feidhm ortha faic do dhéanamh.

sáimheacht: *b.3.* socracht, maolughadh fonn, ceal fonn rud do dhéanamh. Ná téighir chun sáimheachta anois .i. mothaluigh thu féin: ná leig do chodaltacht teacht ort. Galar éigin uirthi gur lean sáimheacht trí mbliadhan é: toirchim: mairbheacht chun corruighthe. Raghaidh sé chun sáimheachta anois go bhfuair sé an deoch fhuascaltha: socracht, ciúineacht.

sáimhín: *f.4.* seal suaimhnis, seascaireachta, socrachta, gearr-thamall codlata; liopa de leap. Ná fuilim ar mo sháimhín sógha anois go bhfuil an sean-táille agam seachas mar bhíonn is gan agam ach mo phaca: ar mo sheascaireacht: ar aiste shuaimhnis. Bheadh na daoine thart tímcheall annso ar a sáimhín sógha mara mbeadh an cogadh, ní bheadh gannchar mhórán rud ortha mar tá: seascair, gan puinn cúise ghearáin aca. Shíneas siar ar mhullach an chnuic fén ngréin is bhaineas sáimhín as: seal gearr codlata. Deirim leat ná fuil na tíortha so atá i gcochall a chéile ar a sáimhín .i. go bhfuil imshníomh is duabhais ortha. Bímís ar ár sáimhín annso sa bhfraoich, tá grian, uaigneas is ciúineacht againn: ar shuaimhneas. B'fhéidir gur dhóigh leat gur sáimhín é sin, dá mb'áil leat cruisteach do dhéanamh air seadh bheadh fios a mhalairte agat: duine bog, so-ranna. Ní raibh cor as ach an oiread lé sáimhín lá gréine ar barr uisce: iasc mór cómh-chruinn i ndéanamh an rotha. Bíonn sé ag gluaiseacht lé corruighe na mara lé teas na gréine.

sáimhín: *f.4.* luifín, cómhartha marthaineach. D'fhág an bolgach sáimhín oighreach air: cómhartha lé n-a shaoghal ar a chneas. Siúd é an droich-ghéag ná beadh i bhfad ag fágaint sáimhín ort mara bhfanfá uaidh: luifín.

sáimhighim: (**sáimhrighim**) *b.a. 7 n-a.* cuirim chun suaimhnis, ciúnuighim, cuirim chun codlata, maoluighim. Biadh mútamhail é seo a sháimhreóchadh duine lá marbh mar atá againn: a chuirfeadh mairbheacht air: míogarnach chodlata. An ceól áluinn sin sáimhrigheann sé mo chroidhe is m'aigne: cuireann suaimhneas is socracht air. Cad atá ar an leanbh san go bhfuil sé ag lógóireacht, ní sháimhreóchadh mil ná mílseán é: ní chuirfeadh ina thost is chun suaimhnis é.

sáimhridhe: *b.4.* aiste bheith sámh, suaimhneas, ciúin, socair, áthasach. A sháimhridhe is chuireann sé chun gach aon ruda do dhéanamh: socracht: neamh-imshníomh. Lé n-a sháimhridhe ní fhoghlumóchadh sé aon rud: ceal deabhaidh ná éascaidheachta chun bearta do dhéanamh. Bheith ag éisteacht lé cantain na n-éan i lúib na coille maidean aoibhinn shamhraidh líonadh mo chroidhe lé sáimhridhe: ciúnas, suaimhneas, is soilbhre aigne.

sáimhridheacht: *b.3.* ciúnas, socracht, suaimhneasacht, neamh-éascaidheacht trí shástacht. Ní mhúsclóchadh do dhícheall é lé sáimhridheacht: mairbheacht: neamhfhonn corruighthe de dhruim stáide suaimhnis cuirp mairbh bheadh ar tí suain. A bhfuil istigh sa tigh aca táid ithte ag an sáimhridheacht, ní chorróchadh neach aca chun lá oibre do dhéanamh: neamh-éascaidheacht: leisceamhlacht. Cuireann an ceól sáimhridheacht orm,

d'fhanfainn gan chor asam ag éisteacht lé n-a bhinneas ag sughadh isteach ionam: soibhreacht cuirp. "Éirigh as san, a liaghairne" – "leig dom, tá sáimhridheacht orm": mairbheacht shoilbhir ar mo chéadfaidhe. Cuir uait an tsáimhridheacht, innis amach: moille thar ceart: neamh-anamamhlacht.

saine: *b.4.* éagsamhlacht, malairt, glór, fuaim. Thugas tamall maith is mo chluas anáirde agam, ach níor chuala saine ná glór: aon fhuaim thar ghlór an dúilimh. Ceanntar mór saine focal é seo: cuid mhaith díobh ann ar an nidh céadna. Ceóltóir maith é, tá saine fonn ceóil aige: cuid mhór díobh.

saineamhail: *a.* speisialta, fé leith. Deoch shaineamhail an fíon so atá déanta lé fiche bliadhain, is nách féidir d'fhagháil ar ór ná ar airgead anois: saghas fé leith: cáilidheacht leis féin aige. Gheóbhair gach nidh dá shaineamhla sa tigh ósda so: biadh is deócha cáileamhla.

sainnt: *b.2.* guilm, dúilmhian, cíocracht, craos, airc, flosc, fonn chun an lámh-uachtair, tnúth. An tsainnt do chaill an bád san, dá mbeadh sí gan an oiread éisc do chur innte do mhairfeadh sí: fonn thar meón chun breise do ghnóthughadh. Nách air atá an tsainnt chun an tsaoghail, ag saothar ó dhubh dubh: an fonn mío-chuibheasach. Teasbáin dom an té ná bíonn sainnt an airgid air: fonn cíocrach chun a bheith aige lé saothar nó lé caimeacht. Sagart gan sainnt ní bhfaghainn ar m'aithne: ná beadh dúil ainmheónamhail in airgead aige. Tháinig sainnt chun cod' a chómharsan air go ndeaghaidh is gur ghoid uaidh: fonn ainshrianta. Trí nidhthe a bhaineas lé crinneacht – sainnt, clúmh agus ingne .i. fonn chun gach nidh is ceal gastachta pearsan. An oiread san sainnte air chun cártaidhe d'imirt go raghadh sé na mílte ó bhaile chúcha: fonn chúcha luighte isteach ann. Treabhfaidh an céachda ró-dhoimhin, tá an iomad sainnte ar an soc: a barra lúbtha síos ró-mhór. Rinne sé sainnt ar mhnaoi a chómharsan .i. dhein sé drúis léi. Dhera, mhuise, tá sainnt ar do sciain: faobhar agus cuma na nimhe chun gearrtha uirthi. Tá sainnt chun farraige ar an luing ar an ndéanamh atá uirthi: cuma ghéar, líomhtha. Níl an tsainnt ar na daoinibh chun na Gaedhealainge budh cheart dhóibh do bheith: cíocracht chun a curtha chun cinn. Go saortar sinn nách ar na dúthaighibh atá an tsainnt fola: an dúil mhairbh chun a chéile do mharbhadh. Dá mhéid an tsainnt phósta air lé bliadhantaibh tá sé chómh fada uaithi (céile) agus bhí riamh: an fonn cíocrach. "Noch ar mbeith dhóibh gan mothughadh ionta tug iad féin do mhíonáire, chun gach uile neamhghlaine do dhéanadh maille lé sainnt" (Epes. IV. 19): fonn cíocrach chun saothair ionmhais is a chruachadh ar a chéile. Chun sainnt na pinginne níor thug sé a cheart d'éinne riamh ach go bhféadfadh sé é: an dúil gránda buntáiste do bheith aige.

sanntach: *a.* cíocrach; guilmeach chun na breise, tnúthánach, íogair. Beagán ró-shanntach chun an tsaoghail, tá san de locht air: dúil air chun oiread do bheith aige nár ghábhadh dhó nó trí bhuntaiste do bhreith ar chách. Seachain tú féin ar an sciain sin, tá sí sanntach: géar, faobhrach. "Óir maoidhigh an cionntach fonn a chroidhe agus beannuighidh sé an sanntach, noch a fhuathuigheas an Tighearna" (Sailm X. 3) .i. an té go mbíonn guilm ró-mhór air rudaidhe saoghalta do ghnóthughadh. Ní fheadar céaca budh shanntaighe chun mo choda nuair bhíos ar chúl mo chinn: is mó go raibh deabhadh is deifir air mo chuid do channtáil. Buailfidh do chomórtas lá éigin leat is léd leithéid eile,

táir ró-shanntach: an iomad fonn chun troda. Ó thosnuigh an cogadh in oirthear na hEóraipe tá an Rúis is an Ghearmáin ag tabhairt sidhe sanntach ar shidhe shanntach ar a chéile: ionnsaidhthe borba neamh-thláithe. An rud sanntach ná tabharfadh greim lé n-itheadh dhuit dá mbeadh do bheatha air: cníopaire: duine sprionnlaithe. Bíonn sé chómh sanntach lé cráin bhanbh tímcheall an bhídh: an fonn áidhbhéil céadna air. Seachain an madra sanntach bagarthach: malluighthe.

sainnteamhail: *a.* cíocrach, guilmeach, ocrach, búntáisteach, íogar. Ní raibh an t-iasc ró-shainnteamhail (chun beartha) indiu ar a luighead atá agat: cíocrach chun beartha ar a mbaoite. Níl sé sainnteamhail mhuis .i. gan fonn a bheith air búntáiste do bhreith ar éinne .i. a bheadh sásta lé cion fir. Cá maith bheith sainnteamhail chun an tsaoghail, ná fágfam in ár ndiaidh é?: cíocrach chun maoin do bhailiughadh ar a chéile. Is deacair treabhadh leis an soc san, tá sé ró-shainnteamhail: a barra ag dul i dtalamh ró-mhór. Budh gheairrid an mhoill ar an sciain shainnteamhail seo geannc fheóla do ghearradh: faobhramhail: nimheamhail.

sainnteamhlacht: *b.3.* aiste na sainnte, an chíocrais, an fonn chun dul chun cinn ar áis nó ar éigean, amplacht. Dá mhéid rud ait ag baint leis an nduine is í an tsainnteamhlacht an rud is aite dhíobh go léir, fágfaidh sé an saoghal mór is é do bheith ina dhiaidh: an fonn aimeónach chun ruda do bheith aige. Ná déanfadh cosamhlacht thu gan bac lé sainnteamhlacht: an cíocras chun na breise. Ní haon uair amháin d'fhág an tsainnteamhlacht amuigh: an t-ampla gráineamhail chun ruda do shroicheamhaint.

sáin-rith: *f.3.* deagh-shláinte, luaimneacht, deagh-luadar. Tar éis an méid sin a éirigh dho tá sé ina sháin-rith airís .i. chómh maith is bhí riamh: rith is lúth is léim aige. Leagadh an capall ag an gcéad léim ach níor bh'fhada ná go raibh an marc anáirde airís air is é ina sháin-rith: ag rás chómh tréan agus bhí aon uair. "Nár shaoileas go raibh san marbh" – "níl, is é atá ina sháin-rith" .i. go lúthmhar, láidir.

sáipéal: *f.1.* (**séipéal**) áit adhartha do chríostaidhe i gcómhgas eaglaise; tigh aifrinn; teampall adhartha. Mo thruagh thu, ní ghá chasadh leat é, is fada go rabhais ag sáipéal ná ag aifreann: i dtigh Dé. Ní tháinig lucht an tsáipéil abhaile fós: an dream a bhí ag éisteacht aifrinn. Sáipéal ghallarais: seantheampall atá ann. Is fada go bhfeacaidh sé an taobh istigh de sháipéal .i. ní éisteann sé aifreann.

sáire: *b.4.* árd-cháilidheacht, mór-luaigheacht; feabhas thar bárr. Ní óladh na huaisle aon fhíon eile ach é lé n-a sháire: a fheabhas thar na beartaibh. Ná cuireadh daoine an adhmaid aon iongadh ort, cuimhnigh ar a sháire: a fheabhas thar aon tsaghas eile adhmaid. Ceannuigheann mórán mór a shaothar lé n-a sháire, ní furaiste buadhachtaint air: lé n-a mór-fheabhas is mór-luaigheacht.

sáirsingighim: *b.a.* tafantaim (tafantuighim); teanntuighim. Sháirsinguigh sé an capall thar i riocht i gcoinnibh an aoird go dtí nách mór ná gur ghoirtigh sé é: chuaidh sé ró-dhian air. Ná sáirsingigh aonnidh ar éinne ná teastuigheann sé uaidh: ná bí d'iarraidh é do chur dá aindeóin air. Mara mbeadh gur sháirsingigh sé an earra orm ní thógfainn í: ná go

raibh ag tafant orm í do ghlacadh. Ní sháirsingeóchainn me féin ar aon chuideachtain go mbeadh doicheall aca rómham: dul chúcha gan cuireadh.

sáirsingiughadh: *f.* (*-uighthe*) teanntughadh, tafant. Ní bheadh an chailín úd ghá sháirsingiughadh féin ar spreallaire buachalla mar thu, tá a mhalairt de mheas aice uirthi féin: ghá tafant féin: ghá cur féin ort is doicheall agat roimpe. Nuair chonnac go raibh a cheal air do bhíos ag sáirsingiughadh airgid air ach ní ghlacfadh sé uaim é, nách tamáilte an duine é: ghá thafant air: ghá tharrac do is d'iarraidh é do chur air.

sáith: *b.2.* go leór, dóthain, an oiread agus is gábhadh nó oireamhnuigheann, sástacht; palcadh (bídh etc.); lón, stór. Dóthain éinne a sháith .i. cá fáth breis thar mar is ganntar? Budh fhear é abair dá mbeadh a sháith bídh aige, rud ná raibh riamh: oiread bídh is do theastóchadh uaidh chun a chothuighthe mar budh cheart. Ar na grogaidhe a bhí ghá bhaint as ag siubhal an bhóthair do dhéarfainn go raibh a sháith caithte aige: oiread ólta aige is do b'fhéidir leis d'iomchar. Fan leat go fóill, gheobhair amach fós cé bhuaidhfidh; an té a gheibheas sáith saoghail gheibheann sé sáith scéil: an té a mhairfeas le deireadh aon achrainn beidh fios a thortha aige. Tá sáith aon fhir de mhnaoi innte: diongmháil: dóthain aon fhir: bean maith a dhóthain d'aon fhear. An lá gheóbhair do sháith airgid ar aon earra a bheidh dhá dhíol agat, bí buidheach, cad bheadh uait? a dhá luach?: oiread agus shásóchadh éinne. Ith, ól is codail do sháith faid bheir sa tigh seo, is cad eile atá uait?: an oiread agus d'oirfidh duit. Tógadh gach éinne a sháith gan amplóir do dhéanamh de féin: an méid a dhéanfaidh a ghnóth. Fanfadh sé socair anois tamall b'fhéidir, tá a sháith (buailte) fachta aige: an méid a bhí ag dul do .i. a raibh tuillte aige. Ná bíodh aon eagla oraibh ná go dtiocfaidh an freagra, tá a sháith de ghiolla ina dhiaidh: teachtaire gur féidir iontaoibh do chur as. Fuaireadar a sáith den oidhche, fuaireadar a saoghal ina ndorn má fuair aon dream riamh é .i. ghabhadar trí mhór-chuid anróidh. An bhfuil sé ina sháith aoirde chun dul sa Gárdaidhe?: an aoirde riachtanach. Ní chuirfeadh mágh méith na Midhe a sáith feóla ar an seirgtheach ainmhidhe: oiread is budh ghábhadh dhi. Nuair itheann an mhuc a sáith tagann searbhas ar an mbiadh: an iomad: leigimíd orainn ná taithnigheann rud linn nuair bhímid torrach de. D'éirigh sé asam, saoileadh do ná raibh a sháith de pháirtidhe ann: páirtidhe a dhiongmhála. Daoine ag gearán ná bíonn a sáith solais aca ó tháinig an ganntan: oiread is dhéanfadh a gcúram. Déineann sé a ghnóth go sáith sásamhach .i. gan aon locht mór.

saithe: *f.4.* scata nó dlúimh iomadamhail thiugh feithididhe, scaoth, bruithnisc, scata beach, an bhainríoghain ina bhfochair is iad ar thóraidheacht áitrimh nuaidh; scata mhór daoine, ainmhidhthe, etc., ar gluaiseacht. Saithidhe beithidheach ar an aonach indiu: tréada. Is é adubhairt cunntas an chatha san aer go raibh saithidhe eiteallán ó luighe go héirghe gréine ag ionnsaidhe na cathrach gan lag: scataidhe móra. Beidh na saithidhe daoine ar an gcruinniughadh san ambáireach is an aimsir do bheith chuige: na sluaighte troma. Na saithidhe corra-mhíola a éirigh tímcheall na habhann le deireannaighe an tráthnóna do chlúdóchaidís thu: bruithniscidhe. "Agus do rinne an Tighearna mar sin agus tháinic saithe doilghe mhíoltóg isteach go tigh Pháraoh agus go tighthibh a shearbhfhóghantaighe agus ar feadh chríche na hÉigipte uile; do truailleadh an talamh treas an tsaithe [mhíoltóg]" (Eacs. VIII. 24): scaoth trom. "Nó muna leigidh tú dom phobal imtheacht, féach, cuirfe me saithe míoltóg ort féin, agus ar do

shearbhfhóghantaidhibh agus ar do mhuinntir agus isteach ann do thighthibh, agus beidh tighthe na nÉigipteach lán de shaithe [mhíoltóg]...” (Eacs. VIII. 21): scataidhe troma, ciapacha. Na daoine salacha bíonn míola ina saithidhibh ar a gcroiceann: ina mbrathaibh dlúithe. Ní bheadh aon aithint air sa tsluagh ach oiread lé béic i saithe: thaidhbhseóchadh sé díreach ar nós na coda eile. Budh imshníomhach an uain againn í, na saithidhe saighdiúiridhe ag teacht de dhruim na maoilinne diaidh ar ndiaidh dá mhéid do marbhuightí díobh: na sluaighte troma, dlúithe. Caithfidh siad saithe eile sa chruiceóig seo: geinfid. Caitheadh saithe saighead leis: cioth: mórchuid.

sáitheach: *a.* sásta, lán, líonta, fóirlíonta, craosuighthe, dóthanach, iomadach de. Bheadh tógaint sáitheach maith ar an dtigh dá gcaithtí aimsir leis: cuibheasach maith .i. ní bhfaighfí oiread locht air. Brathaim sáitheach maith anois tar éis na béile sin go bhfuil an t-ocras bainte dhíom .i. an-shásta liom féin. Tá an tobac sáitheach gann, ná fuil: deacair d’fhagháil. Lá sáitheach olc seadh é chun aon oibre do dhéanamh fén spéir, ní mór ná go séidfí sa spéir duine: mós olc: is ar a olcas. Ná faighidh an oiread san lochta air, tá déanta sáitheach maith aige: go maith ann as. Goile chómh diabhalta san aige ná beadh sé sáitheach dá mbeadh sé ag itheadh go hoidhche: sásta lé n-a dhóthain do bheith aige. Stadfad, táim sáitheach díot: dóthanach: ní theastuigheann a thuilleadh uaim. Má tá éinne sáitheach den saoghal tá seisean, is iomdha anródh is anacair beartha air: a bhraitheann go bhfuil an oiread fachta aige dhe agus is féidir leis d’fhulang. Is beag do ghoilleann an duine bocht ar an nduine sáitheach, ní lugha leis an sughadh ’ná é do shamhlughadh leis .i. go mbíonn gach aon rud ar a thoil aige. Cad é an mhaith bheith ag tafant a thuilleadh air nuair tá sé sáitheach: masmas air mar bheadh ar dhuine a dhéanfadh craos: breis is a dhóthain.

sáitheach: *f.1.* duine a ghníos craos, ampla, go mbíonn a dhóthain de gach éinnidh aige; a mhúduigheas é féin lé biadh. “Ní mhothuigheann an sáitheach an tráthach ocrach”: an té go mbíonn a bholg lán ní chuireann an té a bhíos ina throscadh aon mhairg air. Gach aon uair a gheibheann an chao ní haon nath aige sáitheach do dhéanamh de féin, bíonn sé ag alpadh ar nós na muice: amplóir: craosaire. Na sáithigh go bhfuil an cogadh ag breith dian ortha mar ná raibh an taithighe aca déanamh leis an gcaol-chuid: iad so a bhíodh ghá bpotbhiathadh féin: go raibh tarrac ar oll-mhaithistidhibh aca.

sáitheadh: *f.* (*-thte*) (**sáitheacht**) fóirlíonadh, do dhéanamh craois, do mhúdughadh, do shásamh. Éirigh! agus is ró-mhithid duit é, táir ghod sháitheadh féin lé faid gach nfhaid ag an mbórd san: ag itheadh ’sag ól an méid dob fhéidir. Ní raibh a bhac orm me féin do sháitheadh d’airgead aon lá budh mhaith liom, dá mbeadh a fhonn orm, do bhí sé annsúd go flúirseach os mo chómhair: oiread do thógaint is sháiseóchadh me, agus breis. Cá ngeóbhadh an t-ampla, níl a sháitheadh ann de dhigh: an oiread agus chuirfeadh ó tharrac é. Maran amplóiridhe diabhail ar fad iad tá sáitheadh aon triúir i gceann muice: oiread agus dhéanfadh iad go faoibín. Tar éis bheith ghá sháitheadh san ar gach aon chuma ní mó ná buidheach do bheadh sé dhíot: ag tabhairt a dhóthana dho. Dá mbeadh a sáitheadh bídh ag an arm sheasóchaidís go deireadh na scríbe, ní haon cheal eile a bhí ortha: oiread is theastóchadh. Táim ghom sháitheadh féin ar mo thoil: ag teannadh liom féin.

sáitheamhail: *a.* sásamhach, dóthanach, sásta. Buidheach de Dhia, ní rug aon bhroid mhór fós orainn, tá biadh sáitheamhail ag gach duine sa dúthaigh: sásamhach. Dá gcuirtí ar neamh an duine rúiseach ní bheadh sé sáitheamhail ann: sásta leis. Biadh sáitheamhail prátaidhe, is cuma liom cad deir éinne: a thugas sásamh, agus is maith don nduine. Bheadh muinntir na tíre seo sáitheamhail dá bhfanadh an cogadh uainn: soilbhir ina n-aigne.

sáitheamhlacht: *b.3.* sástacht, soilbhreacht, sonasacht. Cuireann an tsíothcháin atá eadrainn sáitheamhlacht orainn: brathaimíd sona dá chionn. Pé beag nó mór a bheadh aige ann, ní haon tsáitheamhlacht a bheadh air, ní réidhtigheann an áit leis: sásacht aigne. Shín sé siar leis an ngréin lé corp sáitheamhlachta tréis a dhóthain d'itheadh is d'ól: sástacht cuirp is aigne.

sáithim: *b.a.* $_7$ *n-a.* teannaim lé, téighim chun cinn de shaighead, saigheadaim, brughaim, dingim i; ropaim. Ná sáidh leis an sciain me, ná cuir ionam lé foirneart í. Sháthamair i gcoinnibh na gaoithe é agus do bhí obair againn: rámhamair nó chuadhamair ar aghaidh i gcoinnibh constaice. Sáidh amach faid bheidh sé tirim: rop: gluais go mear idir dhá linn. Níor sáthadh an bád is d'árduigh an barra taoide leis í: níor tiormuigheadh a dóthain ón uisce í. Má tá fonn iascaigh oraibh sáithtear an bád gan mhoill nó beidh an ionbhaidh imthighthe: cuirtear ar an uisce í: teanntuightear amach í. Cuirfead aon gheal go sáthfaidh an t-eadaránaidhe sin a cheann eatartha: go gcuirfidh sé isteach ar chainnt nó ar ócáid ná baineann leis is ná hiarrtar a chabhair ná a chómhairle. An ghaoth a bhí airéir ann budh dhóigh leat go sáthfadh sí isteach na dóirse lé n-a neart: go dtiománfadh roimpe. Sháidh sé roimis isteach gan nath do chur in éinne: rop: ghluais go tapaidh nó go neambéasach. "Sáithtear isteach san obair, a liaghairnidhe", ars an saoiste: cromaidh uirthi go mear. Pé duine a sháidh na prátaidhe seo do sháidh sé ró-fhánach iad: a chuir na scioláin síos sa pollaibh a rinne an ránn. Ná sáthadh éinne a cheann 'on doras, ná tugtar lé rádh dho go gcuirtear an méid sin suime ann: é do chur amach. Sáidh do cheann i bpaca (seanbhlas): éist! Sáidh na gadhair leis, is é atá tuillte aige: saighead na gadhair ar a thóir. Sáidh!: rámhaidh. Sáidh leis an ngluaisteán: cuir do neart léi chun í do chur ar siubhal. Sáidh liom: cabhair liom: teanntuigh liom chun mé do chur chun cinn. Sáidhtear muc sa scórnaigh: cuirtear an scian innte de shaighead chun a cod' fola do tharrac. Sáidh chugham an t-arán, tá sé ró-fhada uaim: druid liom é. Ní thúisce chidheann sé mé ná sháidheann sé chugham, tá an oiread san uilc aige dhom: ná ropann sé: ionnsaidheann lé cainnt nó i dtroid me. Sáidh fé, ná bíodh aon eagla agat roimis: tabhair fé: ionnsaidh é. Ná sáidh fén mbiadh go fóill: ná crom ar a itheadh. Sin é, sáidh ionam-sa i gcómhnaidhe, pé ceann atá tógtha agat díom: ionnsaidh me: cuir isteach orm: tabhair iarracht fúm. Sháidheas fén mbórd ón gcithréibigh a bhí ag tuiteam: ropas go tapaidh chun mo shaortha. Chómh luath is fógarthar ionnsaidhe ón aer sáidheann an méid a fhéadann é fé dhéin na ndídean: gluaisid má luath. Níor sháidh aon ghas a cheann aníos ag an sioc: níor phéac sé. Ná staon anois, sáidh rómhat: lean ar t'aghaidh go diair. Sháidheas rómham ina measc: ropas tríotha gan géilleadh do pé duine do bheadh dhá shuaineáil agam. Sháidh sé tharm amach: ghaibh sé tharm de bhreis deabhaidh. Sáidhfidh an t-arm tríd an ndúthaigh gan géilleadh do dhíth ná do dhíoghbháil: gluaisfid ar aghaidh go fuadrach de bharr nirt. Ní duine gan deiliús a sháidhfeadh cárta mar sin isteach liom .i. a chuirfeadh mádh liom lé hionchas cúige do chosc orm. An oiread san neamhfhonn bídh air gur sháidh sé uaidh

é: dhruid uaidh lé n-a láimh é. An sáthfadh bád maith an fharraige sin?: an éireóchadh léi gabháil tríthe. Sáthadar isteach ’on tigh óil nuair fuaireadar drom an ghárda leó: chuadar isteach de sciúird. Sháthas mo loirgne trím thriubhas is mo ghéaga trím chasóig: ropas: theanntuigheas iad. “Agus annsan adubhairt Ióab, ní fhéadfainn-se fuireach mar so agad, agus rug sé ar thrí ghaethe mo láimh agus do sháith sé tré chroidhe Absalom iad, an fad a bhí sé fós beó i lár na darach” (2. Sam. XVIII. 14) .i. do chuir tríd iad lé n-a neart. Féach an leanbh bocht is ocras air, sháidh do lámh id phóca: rop ann í, is tabhair rud éigin do. Níl aon rud a bhíonn ar siubhal ná go sáidheann sé ann: ná go mbíonn baint aige leis. Pé duine a dhíol an earra gan mhaith seo leat do sháidh sé a mhéar féd shúil: mheall sé thu: bhuail sé bob ort. “Agus do sháith an té a bhí ina shuidhe ar an néal a chorrán isteach fén dtalamh, agus do beanadh an talamh” (Teasb. XIV. 16): rop lé fuinneamh.

sáithte: *a.r.* roptha, úirlis ghéar mar scian curtha lé fuinneamh i; curtha go daingean sa talamh; curtha ó bhaoghal uisce ar an gcaladh; i dtreis go doimhin; palcuighthe, dingthe; teanntuighthe. Bíonn sé sáithte ionam an uile lá den seachtmhain: ceangailte ionam, chun mo bhuadhartha, ag lorg ruda éigin orm. Táim sáithte san obair anois: roptha: ceangailte isteach innte. Cá bhfuil an bád sáithte agaibh?: curtha ar thalamh tirim ó bhaoghal uisce. Rámhamair amach chómh luath agus bhí an bád sáithte amach againn: curtha ar an uisce. Díreach agus sinn sáithte chun an bhídh tógadh an tigh lé pléasc ón aer agus anuas leis an gcithréibigh ar an mbiadh: cromtha chun a ithte. Prátaidhe sáithte is minicighe i dtalamh coinnligh: na sciolta curtha fén gcré sa scoilt a ghníos an ránn. Staiceacha adhmaid sáithte tímcheall an tighe: curtha go daingean ’on talamh. Seán sáithte .i. gur ropadh scian ann. Sáithte sa chré ó dhubh dubh, nách é an chnuig ithreach é: ag síor-ghabháil di chun beatha do bhaint aiste. Bíonn gach éinne sáithte san aindeiseóir: ag gabháil de: ghá mhilleánughadh, chúisiughadh. Tá sé sáithte agat: triall: saothruighthe: gabhtha trí chonstaicidhibh, tagtha trí dhroich-shín. Táid sáithte chuige (fé) anois, go n-éirighidh leó: curtha chuige: tugtha fé rud éigin do dhéanamh. Chómh luath agus fuaireadar aon amharc ar a chéile bhíodar sáithte chun a chéile: ionnsaidhthe ag a chéile. Dá mbeadh aon rud eile bun os cionn san áit leis bheadh sé sáithte orm: curtha im leith: me cúisighthe leis. Iad ag tabhairt fola mar muc sháithte .i. go mbeadh an scian curtha innte: ag sileadh fola go fuidheach. Bhuail sé an t-úrlár aníos is an bitheamhnach sáithte roimis aige: dhá theanntughadh. B’fhearr liom mo lámh sáithte sa teine ’ná barra méire do bhualadh air .i. aon rud in ao’chor ach é. Chuaidh na cránta cogaidh ar lár sa talamh bog is d’fhanadar sáithte ann: ceangailte daingean. Ar feadh na maidne bhí an ceannaidhe sáithte ionam d’iarraidh an chapaill do cheannach ar chuma nó ar chleas: ag connstrabháil margaidh liom. Is mór mar atá sé sáithte chun éithigh: luighte leis: tugtha dhóibh. Chuirfeadh sé náire ar éinne go mbeadh aon ghaol aige leis é d’fheicsint ’sa theanga sáithte amach aige chuige: dúil mhairbh aige ann. Na daoine is a dteanga sáithte ina leath-bhéal aca fút: iad ag cleith-mhagadh fút. Cad n-a thaobh do thón bheith sáithte uait siar? .i. ná seasófá díreach. Me ag imtheacht anois is mo mhéar sáithte im bhéal ag lorg iasachta rothair pé áit a gheóbhainn: me im bhambairne.

sáithteach: *a.* brostuightheach, luath-ghluaiste, tugtha d’eadrán. Is fearr bheifeá go mór gan bheith chómh sáithteach i gcúramaidhibh na ndaoine eile .i. gan iad do bhac tharais. Pé áit go mbeir sáithteach ná bí i mbruighin: fonn dul ceangailte í: dul i dtreis. Ghluais sé ar fuaid an chruinnighthe ar nós fir buile is scian sáithteach ar tarrac aige: scian a raghadh

trí dhuine gan puinn duaidh. Bád sáithteach go maith í .i. is furaiste do rámhaidheacht. Fan amach as an gcuideachtain sin, níl aon bhaint agat leó, ná bí chómh sáithteach san: chómh tugtha lé dul in achrann nidhthe ná baineann leat.

sáithteán: *f.1.* aon ruda cuirfí ceangailte ina sheasamh mar tuige chun ughamach do dhéanamh, pionnaidhe. Sáithteáin dorais: stápáil iarainn go raghadh an bollta tríotha. Sáithteáin cléibhe ughamach, biordóige, pota gleamach, etc.: na tuigidhe láidre lé n-a dtosnuightear an obair is go bhfíghtear na meatháin tímcheall ortha.

sal: (**sail**) Sail chnis: an carra a bhailigheas ar cheann leinbh: codam: an salachar bán ar nós púdair a bhíos ameasc an chlúimh ar chroiceann ainmhidhe ceathair-chosach. Sail chluaise: an chéir a bhíos i gcluais.

sál: *b.2.* an chuid iartharach de chois an duine laistíos den alt; an chuid íochtarach de chois deiridh ainmhidhe crúibe; an chuid den mbróig a bhíos ina thaca thiar fúithi; an sprochaid bheag a bhíos thiar fé chrúdh chapaill; fíor-dheireadh scríbhinn mar a gcuirtear ainmeacha léi. Dá mhéid deabhadh a dheineas, agus do dheineas deabhadh maith, níor thúisce sroichte me 'ná bhí sé ar mo shál: tagtha go grod, cómhgharach im dhiaidh. Budh leat gurb amhlaidh do bhí sé cuibhrighthe liom, ní fhágann sé an tsál agam: fanann im dhlúth-fhochair. Pé áit go ngeóbhaidh sé coimeád an tsál aige .i. bí ina dhiaidh aniar ná raghadh amugha ort. Clipighthe atáim ag an bhfear san, é ar mo shálaibh pé áit dá ngaibhim. Sheasaimh ar do sháil: go grod: ná téighir a thuilleadh. Chómh luath is bhraitheas an t-airgead dearmhadta agam chasas ar mo sháil: d'iompuigheas is d'fhilleas. "Fill ar do sháil annso go fóill, a ghiolla an deabhaidh, tá gnóth beag agam-sa dhíot": fill gan dul pioc eile. Nuair cloisfear earraidhe chómh saor leó bheith agat beifear ag baint na sál dá chéile ag teacht chughat: deabhadh: deifir is deithineas ortha. "Cuiridh tú mo chosa mar an gcéadna annsa cheap agus féachaidh tu go caol ann mo chasánaibh uile, cuiridh tú cló ar shálaibh mo chos" (Iób XIII. 27). Farraige bhriste ag gabháil lastuas den luing ó sháil rinn: ó dheireadh go tosach. Fuair sé an bualadh úd ó sháil rinn: go h-an-mhaith: fuair gach aon phioc de é. Ná fásadh puinn den bhféar féd shálaibh má theastuigheann uait bheith in am chun na traenach: ná déin stad dá luighead. Cuir ar na sálaibh, a diablóir, táthar id dhiaidh: bí luath, tapaidh, mear. Ar a ghiorracht a bhí sé ag cur an méid sin slighe dhe níl baoghal ná gur bhain sé as na sálaibh .i. go ndearnaidh sé deabhadh iongtach. Fág féd sháil anois é ná bíodh sé de mhío-ádh ort go gcloisfidh an chleith chúil é: déin rún daingean de. Ní haon dealg id sháil é .i. ní haon bhuaidhreamh duit é. Chaitheas mo dhá sháil do thabhairt don mbóthar nuair ná fuaireas aoidheacht ann: taisteal liom. Is deacair faic do chaitheamh agus a bhean lé n-a sháil: in aon áit dá ngaibheadh sé: lé n-a chois ag faire air. Luigh sál air: fágtar annsan é: focal de ná scéidh as do bhéal. Feóil go sáil seadh an mart: trom, cothuighthe, beathuighthe. Sál thalmhan amach 'on bhfarraige: blúire talmhan i bhfuirm sáile. Cuir sál sa stoca: an chuid de a chlúduigheas sál an duine. D'imthigh mo shála uaim ar an lic oighir: stroilleas, shleamhnuighaes. Thug sé an tsál dom, bhuail uaidh siar me. Indiu an mí deireannach den mbliadhain, tá an aith-bhliadhain ar shál agat: buailte leat. Tá sé gan neart, ag tuiteam ar a shálaibh leis an ngorta: grogaide éignirt ann. Baineadh na sála uaidh dá mhéid réim a bhí sé: baineadh treascairt as: baineadh stad as an bhfuadar a bhí fé. Ní raibh aon rud ach gur rugas na sála liom .i. gur éaluigheas ó ghuais nó ó chonntabhairt. Mo ghradhain thu, níl

na sála féin anois fút .i. sála na mbróg .i. an-bhocht ar fad. Féach sála i bhfad siar .i. an té go bhfuil a stocaidhe siar trí n-a bhrógaibh. Ón lá san go dtí so níor chuireas sál thar tairsigh aca: níor thugas aon chuaird ortha. Ní raibh sé aon lá riamh ná go mbuailfinn thíos fém sháil é .i. ná go ngeóbhainn pic air. Cuirfead-sa fuinneamh id shálaibh ag imtheacht duit: teann deabhaidh. Ná tagadh aon eagla ort, bead-sa léd shálaibh: chun tacaidheachta leat.

sál-, sáil-: *i gcfbh.* Bróga sál-árda an nós atá anois ameasc ban. Na cosa sál-atuighthe go maith: borrtha as an sáil. Sál-aistear maith ó Dhaingean go Corcaigh: cúrsa fada lé siubhal. Crúidhte sál-árduighthe .i. go mbeadh sáilínidhe fútha. Táir sáil-bhreacuighthe go maith ag an dteine: na cosa téidhte léi. Bó sál-bhuailteach dá raghfá ina goire .i. a thabharfadh speach do dhuine. Táim sál-bhascuighthe, ní fhéadfainn aon bhróg d'fhulang: mo spearacha goirtighthe agam. Bróga sál-bhuidhthe. Nách aimlidhthe a shiubhlair tá do bhróga sál-chasta fút: cor ionta. Níl déanamh chómh maith sin in ao'chor ortha, táid mós sál-chumhang .i. gan a ndóthain slighe thiar ionta. Ní bheadh sí sásta lé haon bhróig sa tsiopa ná raibh sál-chruinn: sála cruinne fútha. Ná bí chómh sál-dúr san is ná déanfá dul tamall ó bhaile chun comaoine do chur ar dhuine: leisceamhail: neamhfhonnmhar chun na cosa do chorruighe. Níor mhór do bheith sál-fhuilngtheach is siubhal ar na géaránaibh sin .i. gan nath ge n-a bhonn do chur ionta. Goirtigheann na bróga é nílid sál-fhairsing a dhóthain do .i. gan slighe go leór ionta. Chuaidh tairnge meirgeach ionam is táim sál-ghoirtighthe go mór. Bróga sál-leathana. Bhuail sé chugham tríd an sneachtadh sál-nochtuighthe: gan bróg, gan stoca. Táim sál-tuirseach tar éis mo turuis: cortha as mo chosaibh óm thaisteal. Cuireann sé an bóthar de chómh sál-éadtrom is dá mbudh ná beadh thar fiche bliadhain: go héascaidh, seólta. Siubhlair ró-shál-throm di: dar léi ná fuil céim éascaidh agat.

salach: *a.* neamh-ghlan, neamh-gheanmnaidhe, teimhealuighthe, truaillighte, toibhéimeach, suarach, táir, barcach, draoibeach, slapach, cionntach, meascuighthe, smeartha, troigheanach, tuflaiseach; clabarach, labánta, lóbac, sprionnlaithe; fliuch, ceódhach, stoirmeamhail. A rud shalaigh, ar bhiorán bhuidhe nuair bhuailfinn thu, go gcuirfeá bréag ar éinne: táir .i. ná fuil meas aige air féin is ná tuilleann meas. Beart níos sailiche 'ná í ní fhéadfadh bheith – cliseadh ar dhuine is muinghin a anama aige asat: níos suaraighe: níos neamh-fhearamhla. Féachaidh, aghaidh shalach: duine ná bíonn cúramach i dtaobh glaine a chlóidh. Ní ró-mhaith an aimsir triomuighthe í seo, tá sí salach innte féin: trom, fliuch ó uair go huair. Má theangmhálann do lámha salacha liom díolfair as (leamhasach), lé duine ná taithneóchadh leat. Éist do bhéal salach is ná bí ag tabhairt scannalach uait os chómhair na hóige: béal droch-chainnteach, neambanamhail. Ní haon mhaith dhom bheith d'iarraidh é do shéanadh ná a mhilleán do chur ar neach eile táim féin chómh salach ann lé cách: cionntach. An-shalach a tháinig sé as chúis an toiteáin, dá fheabhas na dearbhuithe do deineadh ar a thaobh: smeartha: gan bheith saor ó mhilleán. Beidh draoib ar bhun do thriubhais ag an mbóthar salach .i. go bhfuil draoib nó pluda ann. Talamh salach atá siar ós na hoileánaibh .i. nách gainnimh ná grean: carraigeach tón an phuill. Arduigh do dhubhán feadh nó dhó ó thóin, chaillfeá annsan é ar an dtalamh salach .i. go bhfuil carraigeacha, feamnach, etc., ann. Glan cos do phípe, tá sí salach, blas gránda id bhéal aice: can domblasta bailighthe innte. Táir chómh salach le muic: chómh salach is is féidir do bheith: gránda: bréan: cuma mhío-dhathamhail ar do chneas le

draoib, láib nó éinnidh mar sin. Chuir sé síos i bhfaoisdin na cainnteanna salacha a bhíodh ar siubhal aige: neamh-mhánla. Ná bí salach as do bhéal: ná tagadh cainnteanna neamh-ghlana uait: gáirseamhail: in aghaidh múinte is deighiomchair. Tá an gort salach lé féar, níor rácáladh ina cheart é: ruibidheacha féir go flúirseach air. An bhó is sailiche earball is í is aoirde géin .i. is minic gur b'é an té is cionntaighe i mbeartaibh é féin is mó agus is déine do cháineann iad: meisceóir, cuir i gcás, ag cáineadh an óil. Ná tabhairt t'aigne do smaointibh salacha: smaointe peacamhla: neamh-cháidheacha. Thugadar marbhadh salach dá chéile sarar cosnuigheadh iad: tuargaint throm, goirtightheach. Nách salach mar itheann sé, tá a phus, a lámha is a chuid éadaigh smeartha aige: rian na nidhthe a chuaidh ina bhéal go follus air. Is dom do thugadh an máighistir an t-itheadh salach as bheith déidheannach ar scoil nó teip orm é d'fhreagairt: íde bhéil ghránda: bearradh cáinteach, masluightheach. Tháinig an ghaoth salach orainn de dhruim an oileáin agus bhí an bád an-chonntabharthach fé sheól: gaoth ag teacht ina cóchaibh: go cas: gan bheith ag séideadh cómhshnámhthach. Glan béal na ráinne, tá sé salach: féar nó préamhacha casta air, a choisceas ar ghearradh é. Tá do dharadha salach, réidhtigh é: in achrann: ní ritheann sé mar budh chóir do. Chuaidh ancairidhe an árthaigh salach ar a chéile: cheangluigheadar: chuadar in achrann a chéile. Tugann sé íde shalach ar a mbíonn air: leigeann sé do dhraoib, can dul ceangailte ina chuid éadaigh nó ní thugann sé an aire cheart dhóibh ach a mhalairt, droichcheann. Tar éis íde shalach do thabhairt orm iarrann sé deoch orm!: masla, cáineadh agus tarcuisne. Capall salach as a chosaibh deiridh seadh é: ag siubhal do buaileann sé ar a chéile iad. Léinteacha salacha: teimhealuighthe. "Más salach í an luidín is den láimh í", ars an fear lé n-a chómh-ainm nuair nár thaithnigh sé leis sin .i. má tá smál orm budh chóir go mbeadh ort-sa leis.

salán: *f.1.* éiscín beag mion geal a ghluaiseas go hiomadamhail ina ráthannaibh: bíonn tóir mhór ag éisceannaibh móra air. Iasc (pollóg, etc.) saláin: iasc a bhíos ghá bheathughadh féin air seó: is gnáthach é do bheith bog, neamblasta. Salán atá ag an iasc san .i. is air atá sé ag itheadh.

salann: *f.1.* fola geal, criostalach go mblas géar air; cuirtear ar bhiadh é chun é do bheith níos in-ithte; cómhartha na féile na glaine agus na buaine dob eadh é sa tseanreacht. Arán agus salann d'ithe i dteannta a chéile: cómhartha ceart doi-bhriste caradais. Ní fiú gráinne salainn é, tá sé an-sprionnlaithe. "Go céad tallann airgid, agus go céad miosúr cruithneachta, agus céad soitheach fíona agus céad soitheach ola, agus salann gan cur síos cá mhéid" (Esra VII. 22) .i. mar gheall ar an luach mór dob fhiú é. "Ór saillfighthear gach aon neach lé teine agus saillfighthear gach aon íodhbairt le salann" (Marc IX. 49) .i. cuirtí ar bhiadh etc. é mar bhuaific, is mar cómhartha glaine is cádhais ar an íodhbairt. "Ach d'fhéach a bhean ina dhiaidh taobh thiar di agus rinneadh uaithne salainn di" (Gen. XIX. 26). "Is sibh-si salann na talmhan, gidheadh dá gcaillfeadh an salann a bhlas, créad lé a saillfighthear é? an bhfuil feidhm air as sin suas, acht a theilgean amach, agus a shaltart fé chosaibh dhaoine" (Matha V. 13) .i. sibh-se a choimeádas ó thruailleadh é. "Blas gacha bídh salann" .i. gan é ní bhíonn sé chómh soi-ithte. Cuirtear an t-iasc ar salann nó lobhfaidh sé: é do chur in árus agus salann do chrothadh air chun a leasuighthe; ach cuir salann ar an bhfeóil .i. croith gráinne uirthe lé haghaidh a hithte láithreach, nó i gcionn tamaill. Croith gráinne salainn ar a earball, b'fhéidir go bhfanfadh sé leat: magadh fé dhuine go n-imtheóchadh duine nó ainmhidhe uaidh, toisc ná fanfadh aige, deirtear lé

leanbhaidhibh, go bhfanfadh éanlaithe leó ach salann do chroitheadh ar earball aca. Ná bíodh aon eagla air ná go gcuirfear salann do air: go n-árdófar an luach air nó go mbeifear i bhfad níos déine air ná mar tá súil aige. Tá gráin chómh mór san agam ar an bhfear san go n-íosfainn lé gráinne salainn é: an ghráin mhairbh. "Salann siar is gur aniar a thig sé": "ag breith sleamhcáin go hÍnse" .i. ag déanamh ruda neamh-ghábhtaraigh. Salann is iarann, sin dhá earra liathann .i. ná tagann snas ortha .i. go mbaintear mórán áiste asta. Táir chómh haindeis le sac salainn: marbh, neamh-éascaidh. Níor thóg sé (sí) an salann: níor leasuigh ina cheart.

salcadh: *f.* (*saillichithe*) truailliughadh, teimhealughadh, do dhéanamh neamhghlan, can do chur ar, do bhréanughadh. Ná bí ghod shalcadh féin leis an gcré, raghaidh sí ar do chuid éadaigh: god smearadh. Tá an tráthnóna ag salcadh: scamaill is báisteach ag teacht. Is furaiste leis salcadh andeas .i. nuair bhíonn an ghaoth andeas bíonn an-leagtha lé báistigh is ceódhmharán. Na ba ag salcadh an uisce lé n-a mbualtaighibh: ghá smearadh: an ghlaine ag imtheacht lé rud neamhghlan do mheascadh leis. An leanbh gan chiall ag salcadh fé: ag déanamh suidheacháin. Ag salcadh an fhalla ghil lé rud dubh do chuimilt fé: ag lot a dhatha. Cuireadh iachall air a ndubhairt sé do shalcadh: dul ina chois. An páipéar do shalcadh lé dubh do dhortadh air: rianán do chur air: teimheal.

salchairt: *b.2.* sailighteacht, rianán, ádhbhar, oiread agus d'athróchadh an dath lé n-a chur air. Níl aon tsalchairt ar an uisce seo, d'ólfadh éinne é, tá sé mar tháinig sé as an dtobar. Ní mór na bónaidhe sin do nighe, tá salchairt ortha: ádhbhar teimhil: táid beagán smeartha. An tsalchairt ná taithnigheann liom: an salachar a gheibheas leis an obair. "Glantar amach an tsalchairt as an ndáilidhibh poiblidhe" ar seisean, "agus cuirtear daoine isteach a bheidh macánta dúthrachtach": daoine go bhfuil camasghail ina gcuid de. "An bhfuil airgead aige?" – "tá salchairt aige": ádhbhar, roinnt. Ambaist níl sé chómh himthighthe sin fós ná go ndéineann salchairt tímcheall an tighe: beagán oibre. An bhfuil aon tsalchairt thobac agat?: aon ádhbhar in ao'chor. Sid í mo shalchairt tar éis mo lae chruaidh: saothar beag. Caith an tsalchairt sin chun na madraidhe: an drabhfhuigheall. Bhí salchairt éisc aca tar éis na hoidhche: ádhbhar ag gach bád (slachráil). Scuab an tsalchairt den úrlár: smúit, etc.: oiread d'aon rud is athróchadh clódh nó dath.

salchaim: *b.a.* $_{7}$ *n-a.* sailighim, teimhealuighim, smearaim. Salachfaidh an lá fós ar an gcuma atá ag bun na spéarach air: tiocfaidh báisteach a dhoircheóchaidh an lá is a thabharfaidh crot níos neamh-thaithneamhaighe air. Salachann ruide portaigh, cré, aol nó a leithéid eile uisce na habhann: doirchigheann a ghléine. Ní tú is measa ach an té a shalachfadh a lámha leat: go mbeadh baint aige leat a fhágfadh rian ortha nó ná beadh faic de bharr a dhuaidh aige ach míchéadfadh.

salachar: (**salchar**) *f.1.* bréantas, teimheal, can, troighin, fiadhaile; ceodhmharán is aimsir throm, iarbhreith ainmhidhe, drabhfhuigheall, gráineacht. Chidhim salachar ag bailiughadh theas: scamall báistighe. "Iadhamh puill ar an té a dhein a shalachar annso fém nadhbhóig", ars an t-iascaire: a chac. Salachar ar fad feadh an aimsir: plúda, guta is buige is fliuchán. Ní stadann an salachar ach mar a mbíonn an salachar: gheóbhaidh siad féin a chéile amach. Má théighir ag iomrascáil leis an salachar bí thíos nó thuas saileófar thu .i. is fearr imtheacht díreach macánta. Sa chogadh mhór bhíodh na saighdiúiridhe

bochta lán de shalachar, mar ná faghaidís cao ar iad féin do ghlanadh: teimheal is smearadh ar a gcorp. Chuaidh an capall as itheadh leis an salachar béil a tháinig air: galar go leanann srumaidhe troma fada é. Cad fáth ná cosnóchainn é, ná fuil salachar ghaoil agam leis: ádhbhar: roinnt: báidhidheacht. Thuit sé i salachar duine: cac. Ó deineadh an t-uisce do chur ins na tighthibh bailightear salachar an bhaile ar fad amach 'on farraige: gach aon ruainne neamhghlan. Níor chuir an bhó cúram an tsalachair fós di: an scannán go mbíonn an slincín ann roim shaolughadh: an t-árus. Salachar mo bhróg ní thabharfainn ort ná dubhairt rud éigin nuair cuireadh ort: an draoib a thógaid ón dtalamh. Connus bheadh coirce ná eile ann nuair bhí an gort ithte lé salachar: lán suas go barra d'fhiadhaile. An té go mbíonn an salachar ann foillsigheann sé é féin: an feall: an chlaon-aigne. Salachar an phortaigh: brúscar: an chuid de ná fanann dlúith, greamuighthe.

sall: *d-bh.* ón dtaobh so go dtí an taobh eile thall os a choinne; thar farraige. Imthighthe sall go Sasana: thar sáile. "Sall 'sanall is tríd an abhainn, a chailleach, a mharbhuigheas me, a ch., a mh. me" (duanaireacht leanbh). Ag luascadh sall 'sanall cois na teineadh: ghá luascadh féin ó thaobh taobh ó n-a chromáin anáirde. Bíonn crothán cluig ag luascadh sall 'sanall: ag gluaiseacht i dtreó áirighthe agus ar ais ar an gcuma gcéadna. Budh dheacair dul sall thar abhainn mar bhí sí ag scéidheachaint lé tuile: dul thairste: treasna. Gaibh sall annsan .i. go dtí an dtaobh eile. Sall fén bparróiste is fearr atá talamh: ón áit ina labhartar go dtín taobh eile. Druid sall fén dtigh: fé dhéin an taoibh eile. Téightí sall an uair sin an-shaor .i. thar sáile: go Mearaice. Siubhal sall treasna. An fada sall go hUibh Ráthach: an iomdha míle treasna. Gura maith an mhaise dá anam é, tá sé bailighthe leis sall chúcha: dulta 'on tsíorraidheacht. Má théighim sall chughat .i. treasna úrláir, etc., etc.

salm: *b.2.* iomann nó amhrán diadha; ceann des na dántaibh diadha mar atá i Leabhar na Salm, a chuirtear i leith Ríogh Dáith. Léighfidh an sagart sailm na mallacht ort: déanfar coinneal-bháthadh ort. Ag éisteacht ar an gcraolachán lé cóir ag gabháil salm: ag cantain amhrán diadha. Salm chun Dé: amhrán móruighthe is molta Dé. "An bhfuil éinneach eadraibh ar na buaidhreadh? déanadh sé úrnaighe; an bhfuil subhachas ar éinneach? canadh sé sailim" (Séamas V. 13).

salmach: *a.* tugtha do chantain salm, do ghuidheadóireacht. Cóir shalmach: a chanas dán ag moladh Dé. Maran tú atá go salmach agam sa chúinne: an béal ar leathadh do shíor ag tabhairt beannachtan.

salmaidhe: *f.4.* ughdar salm nó dán diadha. Dáith Salmaidhe: ughdar leabhair na salm dréir béal-oidis.

salmaire: *f.4.* duine a chanas sailm; duine a bhíos ag éigheamh go géar, árd; bladhgaire, callaire. D'fhanfadh sé i rith na hoidhche ag cur as, nách é an salmaire é: do shíor ag maoidheamh nó ag cainnt go minic go neamhfhuaimeantamhail mar bheadh ar chreideamh nó ar phoilitidheacht. Nách breágh an salmaire seanmónaidhe é .i. uchtach láidir aige chun cainnte do chur de. Éist, a shalmaire!: callaire: bladhgaire.

salmaireacht: *b.3.* cantain salm; sians is gleódh cainnte; orthaidheacht; easarlaidheacht. In eaglaisibh bítear ag salmaireacht ag amhrán chun Dé. Aon deabhadh abhaile ní bheadh

air, leigfeadh sé an lá ag salmaireacht le daoinibh: ag cainnt gan scur: an chainnt ina amhrán aca. Ar an salmaireacht a bhíonn air budh dhóigh leat go raibh eólas aige anáirde go dtín réilthín: an chainnt mhór, bhladhgarach. Sin mar chaithidís – na seandaoine – an oidhche gheimhridh ag salmaireacht cois teineadh: ag trácht ar nidhthibh a bhí imthighthe lé fada. Cuir uait do chuid salmaireachta is bí ag baint an tighe amach: an sians cainnte gan riachtanas. Ná déin aon tsalmaireacht de ach má táim chun na dighe d'fhagháil, faghaim í: breis ghleóidh. Daoine iad san a bhíos ag salmaireacht ar thaobh sráide: ag cantain dánta diadha.

salmaireacht: *b.3.* guirteamas, mianach nó blas an tsáile. Gheóbhfá salmaireacht san uisce ann, ní fheadar an toisc é bheith in aice na farraige, ní mór dhe d'fhéadfá ól: blas na mara. Nách beag an tsalmaireacht atá dulta ar an iasc san atá ar salann lé laetheantaibh: guirteamas.

sálmhar: guirt, blas an tsáile ar. Dheara mhaise, tá an breaicín sálmhar go maith, tá tart ann: an-ghuirt. An fharraige shálmhar d'ólfadh sé ar an uain sin í .i. íota tarta ortha.

sálóg: *b.2.* sál beag; deireadh beag ar aon rud. Ná tairng ró-thréan ar an ndúidín, níl innte ach sálóg: beagáinín tobac ar a tóin thíos. Sálóga fé chruitibh an chapaill: sprochóididhe beaga a árdóchadh ón dtalamh iad.

salt-ar-croidhe: *f.4.* dóghadh croidhe. Cuireann iasc guirt salt-ar-croidhe orm: motháilt ghéar dóighte a thagas ó ghéarughadh bídh sa ghoile.

salughadh: (**sailiughadh**) *f.* (*-uighthe*) teimhealughadh, smearadh, smálughadh, doirchiughadh is fliuchadh aimsire. Tá an mhaidean ag salughadh ní dhéanfaidh sé aon lá maith oibre: cioth báistighe nó ceodhmharán is doirchiughadh na spéire. Ní bheinn ghom shalughadh féin leat .i. budh shuarach liom aon bhaint do bheith agam leat. Ní haon tsalughadh ar t'ainm éitheach do chur id leith: masla. Tá tuile san abhainn, tá sí ag salughadh beidh sí go maith chun iascaireachta: ag doirchiughadh: salachar ag meascadh leis an sruth. B'éigean do an oifig d'fhágaint, do bhí salughadh air: rud éigin mícheart déanta aige: caimeacht ina chléireachas nó mí-ghníomh eile. Nuair chuaidh na finithe 'on chúirt do chromadar ar bheith ag salughadh a chéile: ar a ndícheall ag cur rudaidhe i leith a chéile. Is furaiste stocaidhe bána do shalughadh: is minic a ghníos gníomh beag suarach cáil mhaith dhuine do lat. An d'iarraidh mise do shalughadh sa chúrsa atáthaoi?: me do mheascadh go maislightheach.

saluighim: (**sailighim**) *b.a. 7 n-a.* teimhealuighim, smearaim; breacaim, meascaim i gcoir, téidhim i bhfliche, doirchighim, éilnighim, truaillighim. Ná saluigh tú féin sa scéal, níl aon bhaint aige leat: ná bíodh aon bhaint aige leat. Saileóchaidh an oidhche .i. tiocfaidh báisteach nó ceódhmharán. Nách ort atá an doicheall roimis, saileóchaidh sé thu (searbhas): lé duine liosta, leisceamhail. Shaileóchadh seisean in aon ócáid dá bhfaghadh an chao ort: smearfadh: meascfadh chun do dhíthe. Is olc an t-éan a shaluigheas a nead féin .i. an té a ghníos beart in aghaidh an nidh a bhíos dhá craobhscaoileadh aige roim ré: a ghníos gníomh nách féidir leis d'fholach ná do leasughadh.

saluighthe: (**sailighthe**) *a.r.* teimhealuighthe, truaillighthe, smeartha, meascuighthe in iomard. An spéir saluighthe go maith: scamaill is báisteach uirthi. Cad é an mhaith dhom bheith d'iarraidh bheith ghá shéanadh, táim saluighthe ann chómh maith le cách: i dtreis: cionntach ina dhéanamh. Tá an t-uisce saluighthe agam anois, ní féidir lé duine ná lé hainmhidhe é d'ól: smeartha: doirchighthe lé salachar: é déanta neamh-ghlan. Tá do chóta saluighthe agat, a bharránaigh: rud éigin náireach déanta agat.

saluightheacht: (**sailighcheacht**) *b.3.* truaillightheacht, smearthacht, bheith i dtreis gnímh náirigh nó cora. Níor bh'fhéidir an bóthar do shiubhal lé n-a shaluightheacht: salachar, pluda, guta. Ní fhéadfainn foidhneamh leis ag cainnt lé saluightheacht a bhéil: cainnt neambanamhail. Ní fheicfeá an té a chuirfeadh méar id shúil lé saluightheacht na hoidhche: doircheacht de dheascaibh báistighe nó ceódhmharáin. Dá fheabhas a bheifeá leis, briseann an tsaluightheacht amach ann .i. an chré: an feall chun díthe atá geinte ann.

sámh: *a.* ciúin, socair, soineannta, seascair, soilbhir, boigéiseach. Múscail, brostuigh, táir ró-shámh: socair, mall, marbhánta. Fear ró-shámh ní mór é rian a ghéag ar a chuid talmhan: neamh-éascaidh. Táir ag breith sámh ar an saoghal: go socair: neamh-imshníomhach. Leabaidh bhreágh, sheascair go gcodlófá go sámh uirthi: sásta, soilbhir. Sínte siar chómh sámh lé leaibíd .i. lé liopa de leap .i. budh dheacair a sárughadh lé neamh-mhothálacht is mairbheacht. Saoghal sámh dob eadh é, dá olcas a bhí sé ag cuid againn, go dtáinig an cogadh: suaimhneasach: neambuadhartha. Labhrann sé go sámh is é ná déanfaidh a dhearmhad, nó is de a raghaidh: marbhánta: neamhmear. Tagann an saoghal sámh ar an té go mbíonn teacht isteach aige 'e bhreis ar an té a chaitheas é do bhaint as a ghéagaibh: bog: gan duadh. Is sáimhe d'fhear go mór é 'ná a dhreatháir, ní bhíonn a leath sainnte chun an tsaoghail air: is socra é chun a shlighe bheatha do bhaint amach. "Nách sámh atá sé", déarfí lé duine a bheadh ina luighe gan cor as. "Ní sáimhe in Éirinn é", ní seascaire: go mór ar a shocracht is ós chionn a chumais. Ina chodladh chómh sámh lé muic .i. ina charn chodlata. Tá an máighistir ró-shámh ar fad leat-sa mar scoláire: ró-shocair, ró-mhacánta nuair budh cheart do do bheith níos déine. Nách sámh dóibh bheith marbh ná bheith ag bruic lé cruadhtan is anródh an tsaoghail seo: aoibhinn, neamh-anródhach. Budh shámh leis mar bhinn ag obair is d'órduigh sé abhaile me: mall, míothapaidh, neamhfhonnmhar, leasc. Is sáimhe bhím tar éis béile tuaithe d'itheadh ná dá mbeinn 'om photbhiathadh in bhur dtighthibh ósda: sásta i gcorp is in aigne. Tarbh gan mhaith é, tá sé ró-shámh: neamh-anamamhail. Níl an bás so ag teacht ró-shámh, a fhir bhoicht .i. tagann dian ort.

sámh: *f.3.* suaimhneas, socracht, tocht, toirchim, subháilceas, mairbheacht luadair. Is mór an sámh atá air, is mór leis duilleóga a shúl d'oscailt: suaimhneas, subháilceas mothála. Seachain thu féin ar an bhfear droich-mhianaigh sin, chuirfeadh sé sámh ort go tapaidh: bhuailfeadh is bhainfeadh an mheabhair as do cheann. Chuir Ó Díomasaigh an sámh ar mhórán dóirneálaidhe: lé buille bhain sé a mheabhair is a chuimhne dhíobh. Tagann sámh tar éis dinnéir air, is tuiteann dhá chodladh ar an dtolg: ciúnas is mairbheacht cholaidhe. Tá an clog ina shámh ó indé, an long ina sámh ar an bhfarraige cheal gaoithe, etc.: ina stad. Ná tagadh aon tsámh ort faid bheir ag gabháil do san, nó ní bheidh críochnuighthe in am agat: lagughadh fuadair: maolughadh. Ná téighir chun sáimhe: ná maoluigh. Bhíos ag dul chun sáimhe lé teas na teineadh: toirchim suaimhnis is mairbheachta cuirp: aoibhneas

is socracht ag teacht ar mo bhallaibh beatha is me bheith idir mo chodladh is mo dhúiseacht. Raghaidh san chun sáimhe fós nuair chuirfidh sé an gal san de: chun socruightheachta: chun mínighthe. Bhain an deoch mhear san an sámh díom: chorruigh, spriog sí me. Cuir díot an sámh má tá fonn maireachtana ort: an neamh-éascaidheacht: liostacht. Báisteach gan tsámh ó indé fós: gan sos ná lagughadh ar bith. Lé bliadhantaibh anois tá sé dulta chun sáimhe: níl sé chómh gníomhach is bhíodh. Ní chun sáimhe atá an cogadh ag dul i rith an gheimhridh: ní haon mhaolughadh atá ag teacht air. Raghaidh an saoghal chun sáimhe fós orainn lé cóngamh Dé: chun suaimhnis.

sámh-: *i gcfbh.* ciúin, séimh, mín. Níl aon cheal sámh-aighnis air, dá mbeadh aon rud dá bharr aige: dá mbudh dhóigh leis gur thairbhe dho bheith milis, binn, lághach. Rinneamair sámh-aistear aniar 'on Daingean a chara, ní mín gur bhrathamair an aimsir ag imtheacht lé scéal is lé heachtra: aistear sásta, subháilceach, gan duadh. Caithid mo bheirt sheandaoine an lá anois ag sámh-aithris dá chéile ar a n-óige: ag cur síos go subháilceach. Sin í an bhanaltra a thug an tsámh-aire dómh-sa nuair bhíos ar mo leabaidh go lag: aire shocair, chúramach a oir dom. Labhair go sámh-bhriathrach liom go deimhin, budh dheacair do dhuine bheith níos mánla as a theangain: go lághach, béasach. Tá sé pósta lé sámh-mhnaoi ná déarfaidh "chughat an púca" leis pé tráth thriallann sé abhaile: bean shochma. An bhfuil aon náire ar fhear an tighe seo do bheith ina shámh-chodladh fós, is an parróiste go léir lasmuigh?: codladh socair, suaimhneasach. Ag seimnt ar shámh-chruit: cláirseach bhinn cheólmhar. Dar liom, bhí sí ag féachaint go sámh-dhearcach orm: go subháilceach: mar thaithneóchadh m'amharc léi. Thuit sé i ngrádh lé n-a sámh-dhreach: leis an gcuma shubháilceach, gheanamhail a bhí uirthi. Chaitheas seal im shámh-dhúiseacht sar ar éirigheas: im luighe go soilbhir. Is minic me ag sámh-chuimhneamh ar shaoghal m'óige agus bainim aoibhneas as mhachtnamh ar na daoinibh a bhuail umam: ag leigeant dom smaointibh cómhnaidhe ortha go subháilceach. Is fada bheidh sámh-chuimhne agam ar an lá céadna, cá hiongadh san, dob é an lá aoibhinn é: cuimhne shuairc, shásta. É ag sámh-chur a ghrádha i gcéill di: i mbriathraibh soilbhre. D'fhéach sí go sámh-ghlas ar an bhfear lé n-a taoibh gur thug a croidhe gean do .i. subháilceas is solas geal do ina súil. Bean áitrighthe lé sámh-ghlór a teangan .i. go hiongtach binn ag labhairt. Is breágh í an óige agus is breágh é an tsamhradh, mar chaitheadh iad sa choill ag éisteacht lé sámh-ghuth na n-éan: an ceól ró-shoilbhir a bhíodh aca. Seimeann sí go sámh-ghasta ar an bheidhlín: go cliste, ceólmhar. Ní baoghal go gcuirfidh sé aon duadh cainnte air féin lé neach, an duine sámh-ghlórach .i. socair, réidh ina úrlabhra. Is é a bhí ina chodladh go subháilceach ar na sámh-ghnúsaibh a bhí aige: monabar íseal mar thagann lé suaimhneas ceart seascair. Sámh-fhéachaint ón mbúiste úd? ní bhfaghfá ach go daibhceach dá mbeadh neamh air aige: féachaint gheanamhail, shubháilceach. Sámh-fhear ar gach rud go dtí maidean é, ní bhainfeadh marbhadh duine preab as: réidh-intinneach. Fuair sé sámh-fhuascailt ón bpian a bhí air, mara mbeadh san ní mhairfeadh sé leis: faoiseamh gur imthigh gach tinneas leis. Thóg gach éinne ceann de, an sámh-fhreagairt a thug sé ar an gceist, ar mhairbh sé a bhean, nuair dubhairt "mharbhuigheas" mar déarfadh "gabhaim siar": freagairt gan dochma, gan mhairg. Annsan díreach ag an dtigh dóighte ar an gcúinne do bhíodh bean na leath-shúl gach lá aonaigh is margaidh ag sámh-fhógairt a hearraidhe "leath-phingne an t-ubhall", "pingin an maircréal", "dhá phingin na cácaidhe" etc.: ag éigheamh go bog-ghlórach gan deabhadh ná deifir: an luach a bhí aice ortha. D'fhanfá annso go tuiteam oidhche pé

deabhadh a bheadh ort, sara dtagadh na sámh-fhreastalaidhthe atá ann chughat: dream ná luathuigheann is nách féidir do luathughadh. Tair i gceart chuige, níl aon tslighe a dhéanfaidh sé faic duit ach lé sámh-ghríosadh: é do spriogadh go mall, réidh, cliste. Seinn sámh-ghreas ar an bhfeadóig dom go rinncead: greas ceólmhar ná beadh ró-mhear. Seo chughainn fear an tsáimh-ghreithil, mo ghradhain é, is é ná caillfidh a chae. An chráin ghá sámh-ionfairt féin leis an ngréin sa draoib: ghá hiomlosc féin go subháilceach. Níor thaithnigh an innsint leis a bhí dhá dhéanamh ag an bhfíné ar an méid a thárlaidh: a mhoille a bhí sé ag tabhairt a chuid fínéachta uaidh. Ar an sámh-theine seo anois ní fada bheidh an ciotal ag teacht chun fliuctha: teine mhaith, lasrach. Is sámh-leisceamhail an diabhal duine é, tuairginidhe ní bhainfeadh aon chorruighe as: liosta, marbh. Cuireann sé chun gach ruda go sámh-leasc: neamhthuiseach: níor dhóigh leat go mbeadh aon duadh air. Tá sé ina shámh-lúth airís, d'imthigh cuimhne an ghoirtighthe uaidh: ar fheabhas na cruinne. Má tá aon ghnóth mór agat de gheobhair ina shámh-luighe fén spéir amuigh annsan é: ina luighe gan mairg sa tsaoghal air. Duine nách deacair cóstáil leis seadh é, tá sé sámh-mhianach .i. níl dúil mhór aige in aon rud. Geallaim dhuit nár bhris sé a chroidhe riamh faid bhí sé i mbun scoile ann, ní dhéineadh ach bheith ag sámh-mhúineadh leis .i. ar a shocracht. Dá mhéid anródh atá ar fuaid an tsaoghail táimid ag sámh-mhaireachtaint sa dúthaigh seo, fós ach go háirighthe: ag maireachtaint gan duadh saoghail. Sámh-mhuclach mhná ná raibh lá den righe ná den rath uirthi: bean mhór, neamhghasta, neamhthuiseach ar gach cuma. Shuidh sé síos ar cheann cláir ag sámh-mheilt gach nidh a cuirtí os a chómhair: ag itheadh go breágh, bog, réidh. Má chuireann súd chughaibh gheóbhaidh sibh amach nách aon tsámh-namhaid é, ach gurb é atá go binbeach díoghaltaiseach: namhaid gur furaiste dul ina cómhdháil. Daoine sámh-nósacha; ní deacair bheith réidh leó .i. ná hiarrann is ná bíonn uatha ach cad bhíonn ag an gcoitchiantacht. Sin iad na sámh-oibridhthe, dá bhfaghaidís drom an tsaoiste leo: an dream ná brisfeadh a gcroidhe lé hobair. Sámh-oidhche shamhraidh go raibh boladh beag gaoithe aniar ann: oidhche chiúin, bhreágh, shoilbhir. Nuair bhíos im shámh-óige b'fhuraiste rudaidhe do chur ina luighe orm: i dtúis shaonta m'óige. Nách mise an tsámh-óinseach mhná agus leigeant don gcladhaire sin méar do chur fém shúil: bean neamh-ghlic, bhoigéiseach. Comhnuighim annsúd thiar i sámh-pholl ameasc na gcnoc: i mball cluthair seascair. Dhéarfainn ar a sámh-rosc gur bean shubháilceach í: súil gheanamhail. Imthighimís, is bímís ag sámh-rámhaidheacht linn .i. go bog, réidh, gan duadh. Cad tá ar do shámh-shúilibh ná feiceann an rud go bhfuilim ag deimhniughadh air: súile marbha, neamh-meara. Sin mar gheóbhfí thu i gcómhnaidhe nuair bheadh gnóth nó cúram lé déanamh agat, sámh-shínte ar an dtolg: caithte siar gan do shuim in aon rud ach i suaimhneas. Níl a bhac ortha san laetheanta saoire do bheith aca, is iad atá go sámh-sheascair sa tsaoghal: go maith as: os chionn a gcumais. Leigeamair don mbád gluaiseacht léi ar an sámh-shruth .i. a bhí ag corruighe go mall, sleamhain. Shíneas tharm lé sámh-thuirse: mairbheacht colnaidhe de chionn na haimsire. Im shuidhe is mo dhrom leis an gcarraig ag dearcadh amach ar an muir fhairsing dhiamhair ag sámh-tharrac ar mo phíp .i. ghá hól go bog, réidh, subháilceach. Fuair sé sámh-theagasc ar scoil is ar teinteán .i. teagasc is múineadh maith gur bh'fhearrde é. Lé sámh-toil Dé sroichfeam a chathair naomhtha: grádhmhar. An fharraige ina sámh-uisce indiu, níl puth ón aer chun a corruighthe: tá sí ina stad: ina léinsigh. Ní fada fhanfaidh sé ina measc, tá sé ró-shámh-aigeanta dhóibh chun cóstála leo: ró-shéimh.

sámhach: *a.* socair, réagánta, ciúin, séimh, neamh-sceinneadach, síothchánta, claon lé macanas. Na cathracha móra so mar a mbíodh daoine saidhbhre, sámhacha ina maireachtaint is beag do shaoileadar in aoirde a n-aoibhnis go mbainfí béic ón aer asta a chuirfeadh an ruaig ortha .i. a leanadh mianta a dtola gan srian. Bheadh an saoghal i bhfad níos sámhaighe ges na daoinibh mara mbeadh a dtairngid d'iomard ortha féin lé cogaidhibh: níos suaimhneasaighe, ciúine, socra. Is maith an bhail air aigne shámhach do bheith aige ar a mbeireann de bhuadhairt air, is iomdha fear eile a bheadh as a chiall: socair: deacair do shuathadh. Caithfear admháilt nách ró-shámhach an lucht baile iad, is annamh lá cúirte ná go mbíd i ndlighe lé chéile: síothchánta. Cathain ó, cathain bheidh saoghal ges na daoinibh bochta airís tar éis an chogaidh diabhail seo? .i. go mbeidh na daoine socair ina n-aigne is i síoth lé chéile. Táthar ró-shámhach leat ag baile, a bhuachaill mhaith, cá bhfuil an t-athair eile a lámhalfadh duit fanacht amuigh thar tráth mar seo: ró-cheannsa: níltear dian ort mar budh cheart. Na sealanna sámhacha a chaitheas féin is Máire lé chéile ar an gCeann, gan in ár dtímcheall ach éanlaithe na mara is fuaim na caise: aoibhinn, suaimhneasach gan mairg ar bith. Ní thruagh don sámhach sáthach an t-ocrach tráthach riamh: an té go mbíonn gach nidh dá fheabhas go flúirseach aige is beag air an té go mbíonn aimsir fhada tugtha gan biadh na talmhan aige.

sámhacht: *b.3.* ciúnas, aoibhneas, síothcháin, socracht, sochmacht, leascacht, sádhaile, sóghamhlacht. Sásuigheann a shámhacht ar a bhfeaca riamh, dá mbeadh an teine sa tigh air ní mór go mbainfeadh sé preab as: leascacht: do-chorruighteacht lé linn imshnímh. Toisc a shámhachta ní raibh aon mhuinghin agam as ná go n-éalóchadh an mhaidean air: mar gheall ar a neamh-éascaidheacht chun bheith aireach air féin ná ar aon rud a bheadh ag tárlachtaint i dtreis do. Lé n-a shámhacht níor bhraith sé me go rabhas tagtha i nganfhios air: ceal aireachais: an stáid shochma sin aigne ná tógann ceann d'aon rud a bhíos ar siubhal ina tímcheall. Déarfainn go bhfuil sámhacht dulta air ón dtinneas mór, níl an oiread gearáin aige: go bhfuil fuascailt aige. Is é a mhairfeadh lé sámhacht ar a raibh de mhaoin aige dá mbeadh ciall aige agus bheith aireach. I láthair Dé is breágh dhuit an tsámhacht: aigne do cheap Sé dhuit: sochmacht.

samhadh: *f.1.* plannda, gaolmhar don gcupóig go nduilleóig i ndéanamh saighde go mbíonn blas géar uirthi is bláth donn-dhearg. Sid iad na saighiseanna samhadh bó, feárna, coille, caorach, móna, curraigh.

sámhaidhe: *f.4.* duine sámh, socair, neamhdhícheall, neamh-chríochnamhail. An sámhaidhe ar a leabaidh is an criadhaire sa ghort: an duine leisceamhail sa bhaile, an duine críochnamhail lasmuigh ag obair. Ní sámhaidhthe in ao'chor a chuir lón cogaidh chun cinn: daoine neamh-dhúthrachtacha, neamh-spéiseamhla. Dhá mhíle 'e bhóthar ní shiubhlóchadh an sámhaidhe sin: duine mall, righin, mío-thapaidh. Ró-fhada bhíomair inár sámhaidhthibh, is mithid dúinn mothalughadh .i. daoine a leig an saoghal thársa go ró-bhog. Ní haon am de shámhaidhthibh bheith ag éirghe is an ghrian ag scoltadh na gcrann: daoine codlatacha. Ó thuit sé chun téagair is feóla tá sámhaidhe déanta dhe: duine marbhánta.

samhail: *a.* mar, ionann lé, ar chuma, crutaon. Do shamhail d'fhear ní bhfaghainn is an Mhumhan do chuardach: do leithéid. Samhail an fhir go bhfuil a chómharthaidhthe tugtha

agat an té a bhuail liom-sa leis, na tréithe is na hairdheanna céadna: a leithéid: fear díreach mar é. An amhlaidh go ndéanfá a shamhail sin, an t-airgtheach díot féin: go ngnídhfeá mar é: go ndéanfá aithris air. Bhíodh a shamhail mhadra agam a bheireadh ainmhidhe abhaile é féin: madra mar é. Mise atá bocht, ní bhíonn meas orm ná ar mo shamhail eile: ar dhuine a bhíos bocht. Ní hin aon áit amháin a bhíos Tadhg an Daingin, gheóbhfá a shamhla go flúirseach: daoine mar é .i. eadon go mbíonn na hairdheanna céadna ortha. "Is mac a shamhail nár thárlaidh liom abhfus ná thall go dtána go reamhar na gcnoc úd fhána, lán d'achrann na líog": aon áit a bhí chómh haindeis leis. Tá macsamhail an leabhair adeirir agam, ní fheadar an é an ceann céadna é: crutaon. Mhuise, do theacht fén samhail sin chugham: i mbréigriocht: ar chuma nách é do chuma! Ní haon mhaith bheith d'iarraidh so ná súd do rádh i dtaobh a gcuid éithigh, do bhí samhail éigin ann mar mara mbeadh go raibh ní bheidís go léir chómh dearbhtha go bhfeacadar é .i. fuath: taidhbhseamh.

samhail: *b.3.* cosamhlacht, dealbh, cuma, rud mar, crutaon, aithbhre, íomháigh, taidhbhse. Ná bí ag déanamh samhla dhíom lé héinne, ní maith liom, me féin me féin, olc ná maith: ghom chur i gcomórtas. Ní maith samhail a théigheas i bhfad: ní taithneamhach lé duine bheith ghá chur i gcomórtas go ró-mhór ná go ró-mhinic. Tá mo shamhail daithte aige, deirtear go bhfuil an peictiúir an-dheállramhach liom: mo thaidhbhse dathuighthe. In áit dá shamhail ní chómhnóchainn dá bhfaghainn in aisce é: dá leithéid. Tairng tigh ar a shamhail seo os do chómhair: bíodh an chuma is an clódh céadna air. Budh shamhail leis dul thar n-ais nó bás d'fhagháil: budh mhar a chéile leis é: ní raibh a luighead dá fhonn air. Budh shamhail le pocán gabhair é ní raghadh suaimhneas in aon áit air: chómh ruaiseach leis. Nára samhail sibh!: nár cuirtear i gcomórtas sibh .i. cé hé go mbeadh sé de chroiceann air sibh do chur i gcompráid nó a rádh go bhfuil tréith airde eadraibh. "Is breágh an fear é" – "slán gach samhail": gan díth d'éinne dá shaghas ná do féin é do mholadh. An bhfuil na capaill, céachda is gach samhail chun oibre agaibh: gach oireamhaint. Oiread is tagairt dod shamhail ar an gcruinniughadh níor deineadh: smiog níor labhradh ort. Cainnt den tsamhail sin ameasc leanbh ní maith í: a saghas san. Ní mór go n-aithneófá anois é níl a shamhail ann .i. a íomháigh .i. tá sé athruighthe ar fad, ar fad. Tabhair mo shamhail eile dom chun oibrighthe is déanfam é: duine eile chómh maith liom. Buachaill breágh ar do chuma-sa dob eadh é, slán gach samhail!: go raibh gach éinne ded shaghas go maith. Ní thabharfá aon tsamhail do ag cur de ach fear go mbeadh na gadhair sáidhte leis: ní chuirfeá neach eile i gcompráid leis. Ní chuirfinn a leithéid i leith do shamhla: duine mar thu ní chúiseóchainn leis. Do chruthnuigh Dia ar a shamhail féin an duine: dealbh.

samhailt: *b.2.* taidhbhse, taidhbhseamh, íomháigh, cuma, crot. Budh ghránda an tsamhailt é tar éis an bhasctha a fuair sé: rud lé féachaint air. Ná bítear dhá shéanadh, connacthas samhailt éigin: samhlughadh: taidhbhse: rud éigin nár bhain leis an saoghal so. Fuair an chéad mhac bás obann is budh dhá shamhailt sin bás an dara mic .i. fuair bás obann freisin. Ag tabhairt an turasa dhóibh ar bharr Chnuic Bhréanainn connacthas samhailt tráthnóna aoibhinn lé buidhiughadh gréine: íomháigh: samhlughadh: taidhbhse.

samhain: *b.2.* beirbhighis, féile na naomh uile; féile na marbh pagánach is críostaidhe. Oidhche Shamhna: an oidhche dhéidheannach de mheádhon fóghmhair. Lá Samhna: an

chéad lá den t-aonamhadh mí déag. “Taobhán teann, tairng as, ní bheann ann ó Shamhain amach” .i. caithimís ar ár ndícheall beam ag fágaint um Shamhain: deirtear so lé duine ná beadh an chnuisciún ann is gur chuma leis cad thárlóchadh tar éis deireadh do bheith ídighthe. Ná fuil lá Samhna buailte leat? tá an bhliadhain ag scothadh léi .i. tá sé ag dul chun deireannaighe na bliadhna. Sé an scéal céadna aice é ó Shamhain go Bealtaine: an port céadna: do shíor ag cnáimhseán, etc. Sé an port ó Shamhain go Bealtaine agat orm é .i. do shíor ghom chiapadh: ag casadh rud liom, etc. Cad n-a thaobh ná beadh fanacht ann is tú i mbrollach na Samhna: i dtosach. Fantar istigh lá sidheach, siabhrach, sidheógach Samhna .i. ar eagla bhur millte ges na daoinibh maithe.

sámhaireacht: *b.3.* mairbheacht, neamhéascaidheacht, codlatántacht. Má ithim an iomad tiocfaidh sámhaireacht orm is ní bheidh ionam corruighe: mairbhitidheacht colnaidhe: neamhfhonn corruighthe. Tagann sámhaireacht ar dhuine leis an ngréin lá breágh samhraidh: claonadh lé síneadh is fanacht socair. Ní éireóchadh sé lé sámhaireacht: codlatacht.

samhaisc: *b.2.* beithidheach (ceartaos) ina tríomhadh nó ceathramha bliadhain gan gamhain do bheith aice; fóisc dhá bhliadhan.

samhalta: *a.r.* íomháighneach, mar, cosamhail lé, fuathach, ionchompráid. Budh shamhalta lé cnoc an toirt a bhí ann nuair éirigh sé aníos as an muir: gach aon deallramh is cuma. Is fada ó bheith samhalta lé chéile iasc is feóil do dhuine cruadh-oibre .i. níl aon chosamhlachta eatartha. Ní samhalta leat beart sprionnlaithe do dhéanamh .i. ní rud é a dhéanfá: ní gnáth agat é. Lé méid a aoise tá sé ina rud chaithte, shamhalta: gan ann ach na cnámha: cuma na fuatha air. Grádh samhalta atá air sin: dar leis go bhfuil grádh air ach níl.

samhaltacht: *b.3.* amhlachas, crutaon, d’aon chlódh, crot cuma, cosamhlacht. Dá mbeadh aon tsamhaltacht eatartha maidir lé breághthacht ní bheadh aon iongadh orm tú bheith ag maoidheamh as t’inghin ina coinnibh seo: deallramh, clódh, cuma. Níl aon tsamhaltacht idir chath aoir is cath talmhan: deallramh .i. ní féidir a rádh go bhfuil aon nidh cosamhail ag baint leo.

sámhánta: *a. n-dh.* ciúin, socair, réagánta, neamh-éascaidh, deacair. Níl éinne ná go ngoidfeadh a chuid airgid uaidh, tá sé chómh sámhánta san: neamh-éascaidh: neamh-aireach. Is baoghalach go bhfuilimíd mós sámhánta go mbeam déidheannach ar thuicéad do cheannach i gcóir an chrannchuir muna mbrostuighimíd: mío-thapaidh. Budh shámhánta lé bean an tighe an cailín aimsire chun a coimeádta: mall, mío-thapaidh chun a gnótha. Ag siubhal chómh-sámhánta is gur dhóigh leat ná raibh cur na coise thar n-a chéile: deacair, righin. Codlóchaidh sé an mhaidean mara ndúisigheann duine éigin é, tá sé an-shámhánta: codlatach; bíonn sé ina mheig chodlata. Deineann an braon sámhánta é .i. braitheann sé marbh ann féin. Déarfainn gur duine lághach, macánta é, tá aghaidh shámhánta air: ciúin, neamhghoirgeach. D’fhan sé ina shuidhe go sámhánta is a raibh ina thímcheall ag búrdáil an anama as a chéile: go ciúin, neamh-chorruighthe.

sámhas: *f.1.* ádhbhacht, aoibhneas, aiteas, taithneamh, sóghas, sádhaile. Cuireann an ceól san sámhas orm, do mhairfinn choidhche dá éisteacht, is ró-bhinn liom é: aoibhneas is subháilceas céadfadh orm. Nuair bhíonn an bolg lán is rí-mhaith é an sámhas: sos is suaimhneas. Tagann sámhas ar mo chroidhe ón radharc atá ón gceann amuigh ar an bhfarraige: aoibhneas is ciúnas colnaidhe. Ní sámhas liom a chlos go mbeadh mairg ná smáilc ort mar is mór é mo chion ort .i. áthas: lúthgháir. Is sámhas leis an amplán san bheith ghá dhingeadh féin lé biadh: aoibhneas corpardha.

sámhasach: *a.* aoibhinn, sásamhach, taithneamhach, lúthgháireach. Bhíodh saoghal sámhasach ag lucht airgid ag gluaiseacht ó thír tír go dtáinig an cogadh: sásta, soilbhir. Táimid go sámhasach annso ár mbraoinín dighe againn 'sag éisteacht ceóil: go soilbhir, sóghach. Scéal sámhasach liom-sa é sin: scéal a thaithnigheann liom.

samhla: *f.4.* cuma, clódh, crot. Tú do theacht chugham fán samhla san, a chladhaire, chun ná haithneóchainn thu: sa riocht san. D'éaluigh sé i samhla bacaigh: gléasta mar é. Is é an samhla céadna fós, aon atharrughadh níl dulta air: an duine céadna ar gach cuma.

samhlach: *a.* amhrasach, luath-smaointeach. Scéal ró-shamhlach é sin, is deacair liom géilleadh dho .i. is as an intinn a ceapadh é. Choidhche ní bheadh aon mhuinghin aige as éinne tá sé samhlach as an uile dhuine: amhrasach. Sin é tuairisc is samhlaighe dá gcuala riamh, aon phioc de chrot na fírinne níl air: neamh-dheallramhtaighe.

samhlachamhail: *a.* amhlaidh mar tá; dréir chlóidh. Solaoididhe samhlachtamhla de Ghaedhealaing na háite seo atá dhá mbreacadh síos agam .i. foillsighid tréithe na teangan mar labhartar í.

samhlachas: *f.1.* clódh, solaoid, pátrún, sompla. Do shamhlachas eile lé giofaireacht ní bhfaighfí is an dúthaigh do shiubhal ina hórdlaighibh: giofaire nó gliogaire eile mar thu. Mise nó mo shamhlachas eile de cheárdaidhe an dóigh leat gur turastal dóthanach dhá phúnt sa tseachtmhain do?: ceárdaidhe dem leithéid. Ní gheobhainn leat ná léd shamhlachas mar nách maith an colpa thu: duine mar thu. Ar mo chroidhe díchill dom gan sos gan staonadh, ag scríobh samhlachas na Gaedhealainge an cheanntair seo: solaoididhe.

samhlaidheacht: *b.3.* íomháighneacht, ceapadh intinne, saoiltin. Dá mbeadh aon tsamhlaidheacht ag baint leis níor dheacair do a smaoineamh cad a bhí fút do dhéanamh nuair bhagrais gunna air: aon fheidhm smaoinimh. Cuid mhór dá ghearántaibh níl ionta ach samhlaidheacht: is amhlaidh gur ceaptar do rudaidhe ná fuil ann. Deirtear samhlaidheacht di, dar léi, go bhfeiceann sí daoine ón saoghal eile: buailtear isteach ina haigne é. Chonnacadar dar leó long fé sheól agus chuadar fé n-a déin i mbád, ach pioc di ní raibh rómpa, nár mhór an tsamhlaidheacht í: rudaidhe do chruthughadh san intinn.

samhlaoid: *b.2.* rud a saoiltear gan bheith ann, íomháigh, taidhbhse; foillseachán. Déanfad samhlaoid de os chómhair na ndaoine mara gceapann sé a shuaimhneas: gheóbhaidh sé déanamh uaim mar fhógra do chách. Déintear samhlaoididhe dho, dar leis, go bhfeiceann sé rudaidhe ná féadfadh do bheith ann: taidhbhsightear do. Dar liom go

bhfeaca fear ar chapall anuas lé taobh an chnuic oidhche ghealaighe ach ní raibh ann ar fad ach samhlaoid: spearbaill ar m'intinn. Samhlaoididhe na haer ruathair seo atá in ár gcóir dá ndéintí ionnradh ar ár ndúthaigh: an saghas déanaimh a gheobhaimís ón aer. Is me im chodladh taidhbhrigheadh dom gur labhair an ghuth, is gur buaileadh an doras, is go ndubhart, "tar isteach", ach nuair dhúisigheas chonnacthas dom ná raibh ann ach samhlaoid: rud do buaileadh im aigne gan a bheith láithreach. Deirim leat, dearbhuighim duit, go raibh samhlaoididhe éigin, bídís ón saoghal eile nó ón saoghal so: taidhbhsithe: rudaidhe go raibh cruth ortha. An duine é sin nó an samhlaoid atá dhá dhéanamh dom?: an amhlaidh do taidhbhsightear rudaidhe dhom? Diabhal ceart dob eadh é chun achrainn is bruighne, is féach anois ina shamhlaoid don tsaoghal é .i. iomard air de dheascaibh a bhóithre gur fógra d'éinne san do sheachaint.

samalasc: *f.1.* aon rud leamh nó masmasach. Fágadh an té cois na teineadh nó go raibh sé ina shamalasc, ná féadfá é do bhlas: fuar, leamh. Barra do phuis ní fhéadfá do chur ar na prátaidhibh, bhíodar ina samalasc lé faid do bhíodar beirbhthe: an blas is an scabhárd imthighthe. Samalasc leanna duibhe atá ar íochtar an tsoithigh lé seachtmhain .i. atá géar, gránda.

samhlughadh: *f.1.* (*-uighthe*) taidhbhseamh, saoiltin, ceapadh, smaoineamh, cur i leith, éachtaint do thabhairt, cuirim i gcomórtas lé. Ní hamhlaidh go mbeifeá ghá shamhlughadh liom gur me do dhein é: ghá chur im leith: ag tabhairt éachtana gur me a dhein é nó go ndéanfainn é. Ní raibh éinne beo ghá shamhlughadh leat-sa ach ag tagairt don gcainnt .i. ní raibh neach ag smaoineamh go raibh aon bhaint agat leis ach tagairt do dhéanamh leat den nidh a bhí ar siubhal i mbéal daoine. Ar an gcainnt a bhí air leat, nách dóigh leat ná go raibh sé ag samhlughadh na bearta úd leat?: ag tabhairt éachtana nó leide go rabhais salach innte nó baint éigin beag nó mór agat leis. Prátaidhe do shamhlughadh liom mar bhiadh ar maidin, b'fhada mar phaiste orm iad .i. a cheapadh go n-íosfainn iad nó a gcur i bhfighis orm. Táir ag samhlughadh go maith dhom, do leaca, do cheannaghtha is do sheasamh: tá deallramh maith ort im shúilibh. Táim ghá shamhlughadh ort go bhfuilir gan bheith ar fóghnamh, ar an ndroch-chrot atá ort: ceapaim sin: sin í mo bhreith. Ní raibh neach ghá shamhlughadh ar an bhfínéacht do tugadh ina choinnibh go dtabharfí saor é: níor smaoineadh é. "An bhfuil mórán éisc agat?" – "níl agam ach samhlughadh": oiread is a rádh go bhfuil a dhath agam. Deirtear go bhfeictear samhlughadh marcaigh ar chapall gach ré seacht mbliadhna ar Loch an Scáil: taidhbhseamh: fuath. Ná creid focal dár chan sé leat, a shamhlughadh féin dob é é: scéal nó tuairisc a cheap a intinn féin: ceapadh intinne. Deineadh samhlughadh dhom go rabhas ar shráideannaibh na cathrach airís, daoine ag gabháil tharm dob aithnid dom, go bhfeicinn a gceannaghtha is go gcloisinn a nglór, is tháinig duairceas croidhe orm do bheith chómh fada uatha: ceapadh istigh im aigne: tháinig sé n-a thaidhbhreamh chugham. Ag féachaint uaim ort bhíos ghod shamhlughadh lé t'athair nuair bhí aithne agam air ina fhear óg: ag déanamh comórtais idir dheallramh na beirte agaibh. Fear meathta a lamhálfadh d'éinne bréaga do shamhlughadh leis: do chur ina leith. Creid me leis ná fuil droch-aigne ag neach duit, níl annsan ach samhlughadh: rud a tuigtear duit ná fuil fíor. "An mar sin is dóigh leat do chríochnóchaidh an cogadh" – "níl ann ach mo shamhlughadh féin": díreach mar saoiltear. Ag samhlughadh choidhche dho, dar leis lá éigin go mbeidh rud aige: ghá smaoineamh ina aigne gan puinn bun leis. Bhíos ghá shamhlughadh mhuis, go mb'fhéidir

go dtiocfá ar mo thuairisc ar chuma éigin dá dheacracht ort é: ghá chuimhneamh. Ní bheidh san lé samhlughadh liom-sa feasta mhuis, go mbead gan chéile: ní bheidh sé lé tagairt nó lé rádh liom. Ní fhéadfí a shamhlughadh leat bheith chómh maith d'fhear liom-sa: a chuimhneamh id thaobh.

samhluighim: *b.a.* 7 *n-a.* saoilim, ceapaim, taidhbhsighim, taidhbhrighim, smaoinim, cuirim i leith, tugaim mar éachtaint. Ná samhluightear bróga troma lé n-a leithéid de mhnaoi uasail, budh bheag uirthi iad: ná tagarthar di iad do chaitheamh nó go gcaithfeadh sí iad. Ná samhluigh a bhochtnacht lé héinne: ná cuir i bhfighis air í: ná tagadh focal asat, dá luighead é, a chuirfeadh i gcuimhne dho í. Samhluightear rudaidhe do-san: dar leis go mbíonn rudaidhe i gceist ná bíonn. Cad a samhluightear duit do dhéanamh léd bheatha anois?: cad cheapair. Samhlófar malairt an díomhaointis duit-se fós, bain an chluas san díom-sa leis: buailfear isteach it aigne nách aon tsochar duit é. Cad a samhluightear amach ar an bhfarraige annsan?: cad a mheasair atá ann. Ní mór an machtnamh do dheineas air, ní raibh ach a rádh gur samhluigheadh dom é: gur léim sé trím aigne. An samhluightear leat go bhfuil eagla agam-sa rómhat? má déintear tá dearmhad ort: an ritheann sé it aigne. Samhluigheadh dom go bhfeaca uaim thu nó duine éigin an-dheallramhtach leat, ach dréir dheallraimh bhí dearmhad orm: buaileadh im intinn é. Thabharfadh sé an leabhar breac gur minic do samhluigheadh daoine dho .i. go bhfeaca sé fuatha daoine a bhí imthighthe as an saoghal so. Shamhlóchadh éinne nár bh'eól do go raibh an bheirt rinnceóiridhe i ngrádh lé chéile; díolta as a gcuid oibre do bhíodar, ní raibh ann ach dúmas: tuigfí do. Ar do bhás ná samhluigh a leithéid do dhéanamh: ná bíodh den mío-ádh ort é do theacht isteach it aigne. Éinne go bhfuil aithne aige air, ní shamhlóchadh sé leis ná go ngoidfeadh sé dá bhfaghadh an lom ar rud .i. cuirfí fé n-a thuairm é. Cad do shamhlófá dhom a dhéanamh anois is me fágtha ar an dtráig ag mo dhaoinibh muinnteardha .i. a chuirfeá fém bhrághaid lé machtnamh air. Ní shamhluighim lé héinnidh ag gluaiseacht é ach lé saighead nimhe: sin é díreach a chuirfeadh sé i gcuimhne dhuit lé luas. Bréag, éitheach ná coir níor samhluigheadh lé héinne againne riamh, ní mar sin díbh-se: níor tagradh linn. Ná samhluigh corruighe as an áit go bhfuilir: ná machtnaimh ar fhágaint. Gura beó samhlófar sinn go léir, an cuimhin libh nuair bhíodh na seandaoine suas an sians a néidís den Nodlaig: mar táimíd go beó beathadhach go ndéintear comórtas eadrainn. Gura beó samhlófar tusa, tá gáire t'athar agat: i mbeatha go raibh an comórtas: buan go rabhair. Cad a samhluightear as an gcogadh so?: cad í críoch is deasca a bheidh air dar lé daoinibh. Shamhluigheas Máire ina suidhe annsúd os chionn na mara ar an gcarraig léith faram: mhachtnuigheas a cruth 'sa deallramh díreach amhail is dá mbeadh sí ann i bpearsain beó, beathadhach. Caith uait é sin, shamhlóchadh sé éinnidh: ná bíodh aon amhras ina thaobh agat: tuigfí dho aon rud do dhéanamh agus nár inmhilleánta é dá thaobh.

samhluighthe: *a.r.* ceaptha, smnaointe, cuimhnte, taidhbhsighthe, taidhbhrighthe. "Ní hamhlaidh go mbeifeá ag cuimhneamh ar dhul thar lear?" – "an dóigh leat ná go bhfuil sé samhluighthe dhom?": tagtha im aigne. Cad tá samhluighthe agat a dhéanamh? tá an uile-rud caillte agat: buailte ar aigne. Deirtear lé duine go mbíonn cuma smaointeach air, "cad tá samhluighthe dhuit anois?" .i. cad tá tagtha ar maoith agat. Caith uaim í mar bhochtnacht, is minic samhluighthe liom í .i. éachtaint tugtha dom go bhfuil sí orm: casta liom ós árd nó ós íseal. Siúd í an cailín atá samhluighthe leat ach go háirighthe .i. a

cuirtear id leith cion do bheith agat air, a bheadh mar chéile agat etc. Bhí sé samhluighthe as an dtuile mhór báistighe againn go dtiocfadh gála gaoithe ina dhiaidh: machtnuighthe dréir mar thárluigheann. Ní tú an t-éinne amháin go bhfuil san samhluighthe dho go bhfuil airgead agam-sa: gur saoileadh do é. Aon náire níl orm gur minic samhluighthe lém athair mé i ndéanamh is i meón: me curtha i gcomórtas leis: cosamhlacht eadrainn curtha in iúil orm. Rudaidhe samhluighthe seadh deireadh is deasca is toradh an chogaidh seo .i. nílid ach i dtuairm is i saoiltin na ndaoine. Ní hiontsamhluighthe an bheirt fhear chun na bearta, is mó an scolaidheacht fachta ag duine aca ná ag an nduine eile .i. ionchomórtais. Is minic minic an áit samhluighthe agam is iongadh orm cad é an saghas crota atá air ó fhágas: crot m'aigne curtha air. Bhí sé samhluighthe i gcómhnaidhe aige go bhfaghadh sé bás obann: ceapuighthe.

sámhnas: *f.1.* sos, lagughadh, faoiseamh, suaimhneas. Ag báisteach ó bhreacadh lae indiu gan aon tsámhnas, é chómh holc san: í ag tuiteam ar an aiste chéadna. Chuaidh sámhnas air: scartadh: glanadh is gealadh. Aon tsámhnas níl ar an gcogadh, táid ag tabhairt fé chéile chómh dásachtach agus bhíodar aon lá ó thosnuigheadar: lagughadh. Aon tsámhnas ní dheaghaidh ar an dtinneas im chois i rith na hoidhche: luigheadughadh. Dia go gcuiridh sámhnas ort maran agat atá an gleódh ait: sos: tost: éisteacht. Chuaidh sámhnas ar an mbreac: ní raibh an oiread éisc ag breith ar an mbaoite.

sámhóg: *b.2.* baineannach leasc, mhí-éascaidh. Sámhóg ná beadh rud as a láimh aice i rith a saoghail: neamh-chríochnamhail, mall-ghnóthach.

sampla: (**sompla**) *f.4.* samhlachas, saghas, cuid d'aon nidh a tógtar mar phátrún; solaoid tréithe, clóidh, deallraimh etc. go mór-mhór earraidhe lé díol; cómhartha, tuar. Sin scéal a scrígh sé, seo sampla eile dá chuid scéalaidheachta: scéal eile den saghas chéadna saothair. Nách é an sampla é!: duine gur córa gan bheith mar é lé n-a aindeise nó lé rud éigin nách éad d'éinne é. Sampla éadaigh mhaith. Sampla cruithneachta: gráinne nó gráinnidheacha de shaghas áirighthe. Lé duine a bhíonn go háitrighthe ar aon rud áirighthe, deirtear, "is mór an sampla é" .i. nách é an t-iongadh é. Sin sampla dá chuid béas an tslighe amplamhail atá sé ag itheadh. Sampla d'fhilidheacht an tseachtamhadh aois déag .i. ádhbhar a fhoillsigheas an saghas a ceaptí an tráth san. An sampla bocht, dearóil, bheadh truagh agat do gan luid den éadach air: an truaghán aindeis. Ag déanamh sampla salach díot féin ag slogadh bhídh ar nós na muice: rud náireach os chómhair na ndaoine. Is mairg bheadh ina shampla, féach an crot atá ag an ól air: is truagh an té a bheadh mar í ina scáthán ges na daoinibh. Thug sé lé hudhacht dhá mhíle púnt do gach buachaill dá raibh aige, sin sampla carthanachta agaibh: cómhartha a fhoillsigheas cad is carthanacht ann.

samplach: *a.* fiúghantach, tuillteach déanamh dá réir, ionaithriste. Ina bheatha idir ghníomh is briathar duine deagh-shamplach dob eadh é: gur bh'fheárrde déanamh dá réir. Múinteóir droch-shamplach do leanbhaidhibh scoile a bhíodh ar meisce furmhór a shaoghail: rud nár ionmholta ar siubhal aige. Sin obair shamplach agat go mbeadh meas ag éinne air féin í do theacht ó n-a láimh: obair gur fiú aithris uirthi.

samplóir: *f.3.* duine go mbíonn iomard marthaineach air; sampla saoghalta. Ón lá thuit sé den gcapall brúghadh is briseadh a chnámha, tá sé ina shamplóir ó shoin: aindeiseóir truaghánta. Féach an crot atá air, an samplóir ag an ngorta is an anacair: rian an anróidh air go gcuirfeadh sé aiteas ort. "Connus atá an mac is sine aca súd?" – "tá sé ina shamplóir": mío-chrotamhail: martruighthe.

samhradh: *f.1.* an saosúr go mbíonn an ghrian ina lán-neart, de ghnáth eadrainne, Meitheamh, Iúil is Lughnasa, aimsir an-aoibhinn. Tá sé ina shamhradh: tá an aimsir ar fheabhas. Beidh lá samhraidh agaibh indiu: lá ar fheabhas. Claidhe geimhridh nó falla samhraidh .i. an falla is fearr chun seasta. An samhradh cruaidh, seinn é: ainm fuinn. Rug samhradh riabhach ar na barraidhibh .i. samhradh go raibh sealanna fliucha ann. Thugamair an samhradh linn: an aimsir bhreágh, aoibhinn. Capall samhraidh nó bó lae Shamhna: bíonn taidhbhse mhór aca. Is fada an cáirde lá samhraidh: is iomdha san rud a thuitfeadh ar feadh na haimsire sin. Cailín domhnaigh nó gamhain samhraidh: is sin am is péacaighe iad nó is fearr crot. Tá samhradh na meala anois againn: a thosach. Samhradh na ngéadhanna .i. tímcheall lae fhéile Michíl is fearr iad. Thug sé ráithe an tsamhraidh fén dtuaith cois na mara: míosa an tsaosúir sin. Tá sé ina shamhradh lasmhar is toradh ar gach fás: aimsir ghrianach. Geimhreadh reódhach, earrach ceódhach, samhradh riabhach is fóghmhar grianach: samhradh go leanfadh cioth is grian a chéile .i. cómhartha bliadhna tortha. Níl san méid sin atá tuillte aige ar a bhfuil de chostas air ach mar an sneachtadh samhraidh .i. a leaghann go luath. Ná cuirtear aon nath sa bhfeirg a thagann air, níl ann ach stoirm shamhraidh nó calm geimhridh: gearr-shealadach. Is rí-mhaith an t-itheadh cearca samhraidh nó coileacha fóghmhair .i. is sin é am a bhíd ar fheabhas. Bíonn an samhradh i gcómhnaidhe againn: aimsir bhreágh .i. slighe beatha ná cuireann sín uirthi.

samhramhail: *a.* ar nós an tsamhraidh, breágh, soilbhir. Cé gurb é lár an gheimhridh é tá oidhche shamhramhail againn: oidhche fhíor-áluinn. Is neamh-shamhramhail an samhradh atá againn, a fhurmhór salach fliuch: neambreágh.

samharata: *a. n-dh.* samharamhail. In aimsir shamharata mar í seo is furaiste féar do shábháil: aimsir an-bhreágh ar fad.

samhruighim: *b. n-a.* Samhróchaidh go maith air sara ngeóbhaidh amach .i. ní fuláir don aimsir a bheith ar fheabhas sara dtéigheann i dtreis na haimsire de dheascaibh breóidhteachta. Samhróchad cois mara ar an mbliadhain seo .i. caithfead an samhradh ann. Samhróchaidh an aimsir fós ach foidhne do bheith againn: raghaidh sí chun suaimhnis agus breághthachta.

samhthach: (**sámhthach**) *b.2.* cos rainne nó sluaiste, duine árd, cruaidh, láidir. Sínfead samhthach leat: buailfead lé smíste bata thu. Samhthach atá tuillte aige, deirtear lé duine díomhaoin nó nách taithneamh linn .i. bualadh lé bata ar nós sámhthaighe. Samhthach fir mar thu is mór an náire dhuit a bheith díomhaoin: fear fada, láidir. Tá sí in aois a bheith ina samhthach mhná anois: ina mnaoi mhóir, láidir.

samhthuighim: *b.a.* cuirim cos i. Sámhthuigh an rann cheárdchan san: cuir cos innte. Ní shámhthóchadh an t-adhmad scolbach san aon rann: ní bheadh sé oireamhnach mar chois di.

samhuighthe: *a.r.* samhthach curtha isteach. Rann samhuighthe chómh daingean is déanfaí i gceárdchain: an chos curtha go teann, do-chorruighthe innte.

san, sain: naomh. Lá San Stiofáin, Lá tSin Seáin, Cathair San Dáibhidh, Lá tSin Seáin Beag. Gheóbhair é lá San Dic .i. lá Philib an Chleite.

sanas: *f.1.* eólas fé leith, rún, éachtaint, comhairle, cogar. Aon ruaine sanais níor sceinn uaidh an raibh sé chun teacht nó ná raibh, dá fheabhas a cheistigheas é: éachtaint nó leid: níor éaluigh focal uaidh a thabharfadh solas dom. Faghaim sanas uait idir seo agus sin cad dob áil leat do bheith ullamh id chóir: eolas. Agus é d'fhiafraighe i sanas de, fiú amháin, ní thabharfadh sé gaoth an fhocail duit: ós íseal.

sancam: *f.1.* sásamh, cúiteamh, duaidhnéis. Scannruigh muinntir na mbailte tímcheall go mbainfí sancam fuilteach díobh nuair marbhuigheadh oifigeach dubh-chrónach: cúiteamh lé fuil: daoine do mharbhadh ina choinnibh. Ar seisean agus cuthag air, "bainfead a sheacht sancam díot as me do bhualadh": a seacht n-oiread sásaimh.

sanntach: *a.* miangaiseach chun an tsaoghail, coda, breise, cíocrach, craosach, cuthaigh, fíochmhar, íogar, fonnmhar. Ná hól ró-thapaidh é, níl éinne ag rith leat, táir ró-shanntach: an iomad craois ort: dúil ró-mhór. An t-itheadh sanntach atá aige dhá thabhairt air, budh dhóigh leat gurbh é an chéad ghreim riamh aige: alpamhail: craosach. Is sanntach atá sé chun an tsaoghail, is bheith ag dul ag iascach is feirm bhreágh thalmhan aige go mairfeadh go sámh uirthi. Níl sé sanntach: ní bhíonn fonn air chun ruda ná breise do bheith aige ar chách: duine gan éad ná formad aige lé neach. Níl sé chómh sanntach san ná go gcabharfadh sé leis na boicht chómh maith lé duine: suarach, sprionnlaithe. Táir chómh sanntach lé cráin ocraigh: chómh scúighte chun bídh. Thug sé fúm go sanntach leis an mbata: go fíochmhar: go dochaiseach. Ní iarrfainn oiread is iarrfadh duine eile táim neamh-shanntach ar an gcuma san: lán-ghuilmeach chun na breise nó deagh-ruda do bheith agam. Is é an náire dhuit-se sin a bheith chómh sanntach chugham: an oiread fonn ort chun mo choda do bheith agat nó chun me d'ionnsaidhe. An té a bhíos sanntach chun mná a chómharsan bíonn sé cionntach i bpeaca na drúise. Thug na Seapánaigh sidhe sanntach fé chabhlach na bPonncán i gcuan Hábhaigh gur dheineadar brúscar is báthadh ar mórchuid di: ionnsaidhe fíochmhar, dásachtach. Ní maoidhte don sanntach a bheatha: an té a bhíos claon lé cuid chách ní duine lé haithris do dhéanamh.

sanntacht: *b.3.* cíocras, guilmeacht, claonadh lé canntáil, miangaiseacht. An té a chlaonas a chroidhe lé sanntacht ní maith é a ghníomh i láthair Dé: fonn chun an ruda nách ceart do. Sanntacht na cránach chun an bídh: an fonn uathbhásach. Ní mór ná gur mharbhuigheadar iad féin lé biadh, lé sanntacht chuige toisc iad bheith gan é laetheanta: guilm: craos lé dúil mhairbh.

sanntughadh: *f.* (*-uighthe*) ionnsaidhe fíochmhar, miangas cíocrach do bheith ag duine i rud. “Acht adeirimse ribh, ghiodh b’é neach a fhéachas ar mhnaoi chun a sanntuighthe, go ndearnaidh sé adhaltranas cheana léi ina chroidhe” (Matha V. 28): go mbíonn smaointe cumaisce aige. Bhí sé ar a dhícheall ghom shanntughadh le sciain: d’iarraidh me do sháthadh léi. Lámhach sé a chómharsa trí amhras go raibh sé ag sanntughadh a mhná .i. go raibh mian aige drúis do dhéanamh léi. Ó éirigh sé suas ní raibh in a aigne ach sanntughadh talmhan a chómharsan dá bhfaghadh sé an lom: dúil aige a channtáil. An ag sanntughadh molta ataoi uaim anois?: ag éileamh go móróchainn thu.

sanntuighim: *b.a.* mianuighim go guilmeach, mío-chuibheasach. Ná sanntuigh bean do chómharsan .i. ná drúis léi: ná cothuigh droichmhian ina taobh: ná héiligh a cion thar chrois a fir. “Ní shanntóchaidh tu tigh do chómharsan, ní shanntóchaidh tú bean do chómharsan ná a óglach ná a bhan-óglach, ná a dhamh, ná a asal, ná éinnidh is lé do chómharsain” (Eacs. XX. 17): ní éileóchair a shealbhughadh. Is mór ar fad mar shanntuigh sé an saoghal lé deireannaighe, eisean a bhíodh chómh sámh socair leis an saoghal, anois i ndeireadh an anama ag teacht suas leis: an dúil mhairbh tagtha aige i maoin do bhailiughadh. Aon rud ná baineann liom ní shanntuighim é: ní éilighim do bheith agam. Do shanntuigh sé an fharraige go luath ina shaoghal is d’imthigh ar bórd luinge: tháinig dúil aige bheith uirthi. Duine éigin go sanntuighidh thu maran ort atá an t-eagla .i. go gcuiridh súil a shealbhtha ionat. Ná sanntuightear an bheatha so mar ná fuil innte ach ar nós an ghail suip: ná cuireadh daoine i gcroidhe innte. Ní fhéadfainn aon chainnt do bhaint aiste nuair nár shanntuigh sí aon chainnt do dhéanamh linn: níor iarr sí cómhrádh. Cé shanntóchadh dúthaigh bhocht?: cad tír ná dream go mbeadh fonn a gabhála ortha. Do shanntóchadh sé an greim id bhéal: budh mhór leis faic agat. Ní hamhlaidh go sanntóchair bheith mar taoi? an bhfuil aon fhonn ort feabhas do chur ar do shaoghal: go luighir leis trí mhian do. Áit seadh é ná sanntóchadh éinne do bheith ann ach duine gan chiall – fuacht is fearthainn is scéirdeamhlacht: ná bíodh duine i ngrádh leis. Sanntuightear an té go mbíonn an rud éigin aige, bíodh sé gránda nó áluinn: bítear ina dhiaidh: is mian lé daoinibh a chómhluadar do dhéanamh. Is breágh í a leabaidh ar neamh anocht mar má shanntóchaidh éinne an déirc do dhéanamh dhein sé é: bhíodh sé ar a dhícheall ghá déanamh. Shanntuigh sé an uain orm: theastuigh uaidh teacht rómham. Ní fiú mórán é, ná bíodh aon eagla ort go sanntóchaidh éinne ort é .i. go mbeidh éinne d’iarraidh é do bheith aige ort ná do channtáil.

sanntuighthe: *a.r.* sanntach; éilighthe, mianuighthe. Toisc an rud do bheith aice cailín sanntuighthe ag fearaibh óga seadh í .i. fir óga ghá héileamh: ag tnúth léi. Níl aon deoch in Éirinn is sanntuighthe ná leann dubh: is mó go bhfuil dúil ann nó a hiarrtar. Ní fheadar cad é an fáth é, ach mo chuid atá sanntuighthe ges gach éinne: dúil aca ann. Ar fhéachaint ar mar thalamh ní iontsanntuighthe é, is é atá go dealbh .i. go mbeadh mian ag duine chuige.

saobh: *a.* ait, baoth, claon-aigeanta, dearmhadach, amugha. Is dual don nduine bheith ag déanamh rudaidhe saobha ó aois go bás: aite, baotha. Mara mbeadh é bheith saobh ní dhéanfadh sé nidh draosta: aigne mío-chuibheasach do bheith aige. Dia go deo linn nách saobh an bheart a rinne sé an buachaill do lámhach i bhfuil fhuar gan chúis gan ádhbhar: glan as a mheabhair. An mbeadh sé chómh saobh san is go bhfágadh sé rud luachmhar

gan glas gan géibh fé bhrághaid an tsaoghail mhóir: bog-intinneach: ait. Nách saobh an rud duit, a chailín, stocaidhe síoda do chaitheamh ameasc lathaighe: baoth: óinseamhail. Duine saobh go mbeidh a thoil féin do shíor aige: ceanndáine: seachmallach: ait. Dá bhfantá lé n-a thuilleadh do chlos ní thabharfá breith shaobh mar thugais: dearmhadach: earráideach. Táir ró-shaobh i dtaobh an chogaidh seo, táir ar thaobh Shasana, bíodh sí ceart nó mí-cheart, ag buadhachtaint nó ag cailleamhaint: claon: leagtha lé: báidheamhail lé. Ná tabhair cómhairle shaobh do, ní fheadraís ná gur b'í a aimhleas a dhéanfadh sé: mío-stuamdha. An saoghal saobh, féach mar táid ag treascairt a chéile lé gráin is díomas: ait: neamh-meabhrach.

saobh-: *i gcfbh.* claon, ait, aimideach, mí-cheart. B'í sin an tsaobh-aithne dhom, aithne do chur ar an ndroch-chómhluadar úd, is me atá ina aithreachas indiu: mí-chiallmhar: dochaiseach. Má éistir lé n-a chuid saobh-aighnis sin ní fearrde thu é: cainnt a chuirfeadh amugha thu. Éist leó ar an gcraolachán ag saobh-aithris a dtaoibhe féin de gach cath: claon-aithris: ghá moladh féin 'sag cáineach chách. B'é sin an saobh-amas do iarracht do thabhairt ar dhul anáirde trís an bhfaill sheasuighthe mhara, thuit sé: éigciallda. Cad é an saobh-bhlas a gheibhir-se ar an mbiadh ná faghann éinne eile: mí-cheart: mío-thaithneamhach. Saobh-bhriathra iad san nár chóir duit a chanadh gan bheith deimhnightheach ded thuairim: cainnt neamh-cheart: gan fuaimeant. I bhfocal Dé ní cantar saobh-bhriathra: níl cainnt earráideach, neamhfhuaimeantamhail lé clos ina theagasc. Is iomdha duine gur tugadh saobh-bhreith crochta air: mí-cheart: breith in aghaidh an chirt is na fínéachta. Creid me leis gur saobh-bhuidheachas atá agat air, ná tuilleann sé in ao'chor: buidheachas i ndearmhad. Chuirfeadh sé bréantas ort, é ag tabhairt saobh-cháile ar a mhuinntir: ghá moladh is gan é tuillte aca. Ar a bhfuil de shaobh-chainnt déanta ar a bhfuil marbh ar thír áirighthe sa chogadh so budh dhóigh leat gur cheart don saoghal mór do bheith ar lár: áireamh áidhbhéiseach gan chiall ar bith. Tá daoine ann, pé dalladh atá ortha, a ghéilleann gur saobh-chreideamh dúinne guidheachtain leis na mairbh: piseóga. Thug sé an lá ag obair go mí-cheart, lé saobh-dhúthracht: dícheallacht a ceapadh do do bheith ag déanamh maitheasa. Gheóbhaidís bás leis an ocras sara n-iompóchaidís ar an saobh-chreideamh: an creideamh nuadh. Fé bhun na gcnoc annsúd tagann saobh-ghaoth ar an bhfarraige: gaoth shalach, cham, chóchach. Ghoideadh sé d'fhonn bronnntanaisidhe do thabhairt di lé saobh-ghrádh dhi: grádh a bhain a chiall 'sa éifeacht de. Ná tabhair saobh-léim, féach rómhat: léim gan machtnamh roim ré. Saobh-léim do b'eadh é an phinginn dhéidheannach do chur i ngeall ar an gcapall: gníomh éigciallda. Saobh-nós d'éinne bheith d'iarraidh earraidhe do cheannach is gan chumas aige air: amadántacht. Saobh-iarracht dar lé mórán seadh bheith do Mhearaice ag troid chun Oileáin Philip do chosaint ar an dtóir is an fhaid ó láimh atáid: iarracht gan bun gan ciall. Is iomdha rud a thagann i saobh-intinn an té a bhíos ar buile: intinn gan éifeacht. Thréig mo shaobh-cháirde go léir me nuair fuaireadar an greim orm: cáirde bréige. Is oth liom thu bheith chómh saobh-smaointeach agus gur dóigh leat gurb é do dhuine muinnteardha gach n-aon a labhras leat: chómh boigéiseach it aigne. Leigir ort truagh do bheith agat do, sin í an tsaobh-thaise: maoithneasach dúmais.

saobhadh: *f.* (*-bhtha*) cur i leath-thaoibh, casadh, cur ar seachmall, cur in achrann. Ar mh'anam ná beinn ag saobhadh mo chinn le héisteacht leat: ghom bhodhradh féin. Maoidheann sé go bhfuil na bearta dhá dhéanamh aca chun na ndaoine do shaobhadh ón

bhfírinne: do mhealladh: do chur amugha. Ní chloisfeá duine ag poll do chluaise lé saobhadh na síne: uathbhás is glór. Ní mheallfadh saobhadh a súl mise dá gcuireadh sí cor cam ionta: casadh ó thaobh taobh. D'iarraidh me do shaobhadh óm chreideamh ataoi léd bhréithribh fallsa: d'athrughadh.

saobhaim: (**saobhuighim**) *b.a.* cuirim amugha, ar seachmall, cuirim díom, meallaim. Ní shaobhfadh do bhréithre breághta mílse me, táim dulta amach ort: ní mheallfaidís. Do shaobh (shaobhuigh) droch-chuideachtaidhe é is d'fhág san rian air, is bocht aindeis an clódh atá anois air: chuireadar ar a aimhleas é.

saoghailín: *f.4.* saoghal gearr nó bocht. Ní bhfuair an leanbh ach saoghailín ní fheadair éinne ná go bhfuil an scéal chómh maith aige: seal gearr annso. Is suarach an tsaoghailín ag fear aon bhó é: bocht.

saoghal: *f.1.* beatha dhuine, aos, faid na beatha annso; an seal a chaitheann caonaidhe, ainmhidhe nó plannda idir bhreith is bhásl an dúileamh beól slighe bheatha dréir na gcor; cunntas ar réim dhuine; an fhaid a mhaireas aon rud; aoibhneas colna; an chineadh daonna. Ar an saoghal so níl éinne a chostálfadh leó ach me .i. ní mhaireann sé. An bhfuil ar an saoghal uile éinne mar thu? .i. duine corr. Ní rabhais ar an saoghal ná cuimhneamh ort an uair úd .i. i bhfad sar ar saoghaluigheadh thu. Beidh an saoghal (go léir) annsúd, a rádh ná beinn-se ann: na sluaighte .i. an iongadh mise do bheith ann. Bheadh saoghal aige dá bhfaghadh sé an bheart san: beatha shámh, shocair. Anois an uair atá ganntain té orainn níor shuimigheamair mar budh cheart í nuair bhíodh saoghal againn uirthi: aoibhneas is sástacht as an bhflúirse. Beidh saoghal ar mhairtfheóil aca: beidh flúirse dhi aca is subháilceas da réir. Nuair chidhtear daoine ghá n-aoibhneas féin, díomhaoin, nó ar a socracht gan mairg deirtear, "tá saoghal aca": aoibhneas na beatha. Bíonn saoghal aca ar a chéile .i. gheibhid aoibhneas cumaisce ó chéile. Saoghal suarach bheith ag brath ar phúnt sa tseachtmhain: maireachtaint bhocht. Ar an saoghal atá agam annso, ní fhágfainn ar aon rud é: an t-aoibhneas is an tsubháilce. Is olc agus is lán-olc an saoghal do thugadar di .i. maireachtaint aindeis gan suairceas. Nár chruadhaidh Dia an saoghal ort (deagh-ghuidhe), is fiú ór thu .i. go dtugaidh Dia subháilceas is suairceas dhuit. Nuair bhí an saoghal cruaidh ann budh dheacair do dhuine bhocht maireachtaint: dubhluachar: ganntan is easbhaidh. Nuair budh chruaidhe an saoghal 'ná anois air, bhí féile is fáilte ar a láimh: nuair budh dheacra dho maireachtaint. Bogfaidh an saoghal fós ach foidhne do bheith againn: raghaidh feabhas ar chosaibh na beatha. Cé ná raibh sé mar sin tamall tá saoghal an mhadra anois aige .i. ar a thoil féin. Ach ní bhfuair sé riamh uatha ach saoghal madra .i. droich-cheann. Ná bí ag cainnt, a dhuine, ach bhí saoghal an mhadra aca ar shoghalaistidhibh na Nodlag: a ndóthain mór go sáitheach, sóghach. Is mór an truagh i gcóir a saoghail an té ná bíonn adhar a bheatha ann: chun beatha do ghnóthughadh dho féin. An té go mbíonn scannradh chun an tsaoghail air, bhainfeadh sé airgead as an gcloich ghlais: sanntach: d'iarraidh breis agus breis de shochar do bheith aige. Ná bíodh aon scannradh chun an tsaoghail ort, is béarfair do chosa leat chómh bog: mairfir chómh maith díreach gan bheith sanntach. Is é an saoghal ar chogaidhibh é: iliomad díobh ann. Ní mór an saoghal anois aige, tá sé an-aosta: ní fada mhairfidh. Gach aon chuma air go bhfuil saoghal Shasana istigh: a ré nách mór caithte. Ó tháinig san tsaoghal ortha a bheith os chionn a gcumais, na daoine bochta: ó thárlaidh dhóibh: ó tháinig feabhas ar an

mbeatha. Ó chas an saoghal air tá malairt crota tagtha air: ó fheabhasuigh nidhthe ar a thaobh. Dá dtagadh sé den tsaoghal orm airgead do bheith agam thabharfainn gaoth dho: dá mbeireadh san im bheathaidh orm: dá n-athróchadh sé. Is iomdha cor a chuireann an saoghal de, tíortha a bhí báidheamhail lé chéile seal, go fíochmhar anois ag tuargaint a chéile: an chinidh daonna. Ar an saoghal mór ní dhéanfainn corruighe dhóibh: in ao'chor. Dhein sé os chómhair an tsaoghail mhóir é: go poiblidhe. Sin é, bíodh an saoghal mór ag féachaint ort .i. chidhtear tu .i. an bhfuil aon náire ort bheith ghá dhéanamh ós cómhair na ndaoine nó in áit phoiblidhe. Chonnaic (chualaidh) an saoghal mór é siúd .i. rud dob é ná raibh aon deiscréid ag baint leis. Déineann an saoghal mór é .i. rud coitcheann do dhéanamh é. Tá súil agam go mbuailfimíd lé chéile ar an saoghal eile: go mbeam i bhfochair a chéile sa tsíorraidheacht. Ná bíodh aon eagla roim an saoghal eile agat: roim an síorraidheacht. Dá bhfaghthá an saoghal céadna airís an gcaithfeá do bheatha ar an gcuma gcéadna: an fhaid chéadna id bheathaidh. Malairt saoghail malairt daoine: ó aos go haos tagann athrughadh ar bhéasaibh an duine. B'olc an uain ar an bhfarraige agam í, ní bhfuaireas riamh mo shaoghal im dhorn go dtí é .i. rug anaithe is conntabhairt bháis orm. Mo shaoghal im bhéal agam i leith is gach uair go n-imtheóchadh an fód óm chois is gur síos liom!: me sacnnruighthe im bheathaidh. Ina shaoghal an diabhal a mháighistir: lé n-a linn, lé n-a ré b'é dob fhearr. A leithéididhe eile de chlainn lé crostacht is mí-riaghaltacht is tá agam-sa, níl ar shaoghal na bpeacaidhe: an saoghal malluighthe. Fuair sé an costas as an saoghal so .i. fuair sé bás: an costas (bóthair) .i. an t-airgead a chosnóchadh turus. Mheasadh sé ná raibh ann ach ball den tsaoghal, geallaim duit ná raibh éirghe anáirde ann .i. duine ar nós éinne eile. Budh cheart go mbeadh aithne mhaith agat ortha, thugais saoghal is sealad ina measc: mórchuid aimsire. An dá lá saoghail agus faid mhairfead cuimhneóchad ar an anamhóin a chuir na pléascáin ar an bpobal .i. choidhche ní imtheóchaidh san as mo chuimhne. Sa tsean-shaoghal, trilsidhe is úsc éisc a bhíodh aca mar sholas in ionad lampaidhe is íle: san aimsir fadó. Tá sé ina shean-shaoghal airís orainn nuair atá ár dtriall ar an gcoinnil is ar an ngeitre: na nósa a bhí an uair sin ann dhá chleachtadh airís againn. In aimsir an droch-shaoghail d'imthigh furmhór ár ndaoine lé fuacht is lé fán: in aimsir na gorta. Dé bheatha thu it shaoghal is it shláinte, deirtear lé duine go mbíonn fáilte mhór roimis nó go mbíonn gaisce déanta aige. Fé thuairm do shaoghail is do shláinte (ag ól): ag guidhe seal fada ins an mbeatha so do dhuine. Is iomdha rud a chaitheann duine go mbíonn an saoghal ag teacht dian air do dhéanamh .i. ná bíonn ag éirghe leis go maith. Ná raibh saoghal níos measa agat: gur ag dul i bhfeabhas a bheidh do mhaireachtaint. Níl san tsaoghal so ach ó indiu go dtí ambáireach: seal duthain. Saoghal sanntach é seo: aos go bhfuil na daoine ag breith bráighe ar a chéile chun maireachtana. Níl sa tsaoghal agam ach aon phúnt amháin: a bhfuil ar fad agam. Dá mbeadh sé 'en tsaoghal agam thabharfainn duit é: in ao'chor. Lé déidheannaighe tá sé imthighthe le haer an tsaoghail ar fad .i. thar meón. A raibh riamh agam d'imthigh le haer an tsaoghail: gan aon chunntas air. "An mbíonn sé óltach anois?" – "imthighthe lé haer an tsaoghail": thar cuimse. Táir-se ró-bhoigéiseach ar fad, níl aon ghnóth ar an saoghal agat: nílir in ao'chor in aon ghiorracht do bheith glic, gasta. "Buadhfam an lá oraibh" – "an saoghal is an aimsir a inneósaidh é sin": tar éis imtheachta sealaid seadh bheidh a fhios san againn. An saoghal mór ní raghadh amach air sin, tá sé ar nós an mhada ruaidh .i. tá sé ró-chliste, ró-dhoimhin nó ró-chluthair ná faghadh duine fios a rúin. Tuigeadh dom nár bh'aon mhaith dhom bheith ag gearán mo cháis lé neach, ná raibh faic i ndán dom ach an t-ocras dubh, is chaitheas an saoghal anáirde liom féin:

ghabhas leis mar tháinig sé orm a rogha toradh do theacht air. Cailleadh an-óg gach éinne aca, ní bhfuaireadar aon tsaoghal in ao'chor: seal gearr sa bheatha so. Sé an t-airgead an saoghal go léir .i. is ann is mó go gcuirtear suim is go ndéintear an oiread achrainn ina thaobh. Is mairg a ghní ádhbhacht dá shaoghal: truagh an té ná cuireann suim ina bheatha agus crích do chur air féin faid agus bhíonn aon chao aige is gan seafóid do dhéanamh di. Na trí saoghail is sia – saoghal an iubhair, saoghal an iolair, is saoghal Chaillighe Bhéara. Is maith an saoghal é má mhaireann sé .i. beatha shóghail ná mairfidh is baoghal. Is fada go raibh éirghe an tsaoghail leis an bhfeirmeoir sin: ná raibh éadáil ag maireachtaint aige. Mhaireamair trí shaoghal budh shuaraighe 'ná é seo .i. ní gábhadh dhúinn an bheatha atá againn anois do chur aon mhairge orainn. Ól é sin tabharfaidh sé breis saoghail duit: déanfaidh árd-mhaitheas duit. Is briste an saoghal ní tháinig dhá lá bhreághtha as a chéile lém chuimhne. Connus tá an saoghal agat?: ag éirghe leat. Saoghal duine uasail is é atá aige: maireachtaint an-mhaith. Beidh an saoghal Fódlach annsúd: gach éinne. Níl aon an-shaoghal aige: níl maireachtaint shubháilceach aige. Ní fhéadfadh an saoghal capall ráis a dhéanamh d'asal .i. rud do-dhéanta. D'imthigheas fén saoghal dom féin sara raibh mo chnámha cruaidhte .i. ag tuilleamh mo bheatha. Tar éis an tsaoghail is gránda an rud an tsainnt dá mhéid a bhíonn againn de caithfeam a fhágaint in ár ndiaidh: d'aindeóin ár ndíchill. Is olc an saoghal ná faghadh duine tobac ar a phinginn .i. deacair, dian. Abradh an saoghal a rogha rud is fearrde an gabhal an teas: pé rud a déarfadh éinne. "Óir cia dár fios créad is maith don duine san tsaoghal so, a laethibh a bheatha díomhaoin uile noch a chaitheas sé amhail scáile; óir cia a fhéadas a innsin do créad bhias ina diaidh faoi an ngréin" (Ecc. VI. 12). "Féach is iad so na cionntaigh agus na daoine a suaimhneas an tsaoghail; tigid chun saidhbhris" (Sailm LXXIII. 12): sochar na beatha. Dá dtógadh Dia ón saoghal é budh bhreágh an lá dho é: ón mbeatha. Thug sé a chúl leis an saoghal is chuaidh isteach i mainistir: d'fhág sé cómhluadar na ndaoine. Ón saoghal bhraonach chuaidh díom a dhéanamh amach cér bh'é féin .i. aon tuairm ní raibh agam cér bh'é. "Do fhreagair Íosa, ní don tsaoghal so mo ríoghacht-sa; dá madh don tsaoghal so mo ríoghacht gan chonntabhairt do dhéanaidís mo mhuinntir cathughadh, ionnus nách dtabharthaoi do na Iúduidhibh me; acht anois ní as mo ríoghachd-sa" (Eóin XVIII. 36). Ní fheaca an oiread daoine riamh in aon bhall, bhí an saoghal 'sa mháthair ann: na sluaighte. Dá mbeadh an saoghal 'sa mháthair d'airgead agam ní thabharfainn feóirling ruadh dho lé gráin air: airgead go flúirseach. Is ait é toisc an tsaoghail, tagann is imthigheann an duine gan a luighead eolais aige ar a chúrsa: slighe na beatha. Lé bliadhantaibh anois nílid chómh gustalach is bhídís, táid siar sa tsaoghal: dealbh. Tá a fhios ag an saoghal is ag an mbaile go léir dá bhfaghainn-se greim ort go dtabharfainn rud duit: is fírinneach etc. go mbeadh sásamh agam. Níl ag baint a chéille dhe ach an saoghal: an fonn chun na breise do bheith aige. Níor thug sé ar an saoghal leis bheith ina fhear chómh maith liom-sa ná éinne a bhaineas leis: ní dual do é: ní raibh sé de mhianach ann. Tamall do bhíodar an-mhór lé n-a chéile, fé dheóidh d'imthigheadar as shaoghal a chéile: scaradar: ní raibh aon bhaint aca lé chéile as san amach. Chuireas díom is mo shaoghal im dhorn agam .i. eagla mo chroidhe orm. Is geairrid é saoghal na coinnle sin .i. ní sheasóchaidh sí i bhfad. Beirimís bog air, gheóbhaimís rud lé déanamh aon am, lá d'ár saoghal atá ann .i. airgtheach ná tabharfadh an méid sin aoibhnis do féin as shealad duthain. "Connus tá agat?" – "ag baint lae as an saoghal is ag tabhairt lae dho": ann as. Ag stracadh leis an saoghal ó aois go bás: in achrann na gcúrsaidhe a bhuaidhreas an duine. Saoghal lae ní bhfuaireas dá bharr, chlip sé im bheathaidh me: aon phioc subháilcis. An saoghal do chur

ina leith ní chreidfinn focal de, tá a mhalairt d'aithne agam air: cortha móra do chur ina leith. D'aithneófá ar a chuid éadaigh go bhfeacaidh sé saoghal dob fhearr: gur fearr as do bhí sé. Is cuimhin liom sean-Shéamas is seandaoine an pharróiste ag cur an tsaoghail thársa gach maidean Domhnaigh tar éis aifrinn in ár dtigh-ne: ag trácht ar nidhthe. Ní raibh aon rud budh díoghbhálaighe ar siubhal againn ná cúrsaidhe an tsaoghail: na nidhthe a bhí ag tuiteam amach nó a bhain linn. Tá an saoghal dhá chur tharais aige chómh maith leis an té go bhfuil a seacht n-oiread de bhun an tsaoghail air: ag maireacht....maoin, strus etc. Sín annsan ar do shocracht is leig an saoghal thart .i. ná cuireadh aon rud aon mhairg ort. Mara mbeadh an saoghal a bheith treasna orm, ní bheadh fiacha ag éinne orm ná beadh díolta agam: im choinnibh: corr orm. Ar mo shaoghal d'fhagháil faoi dhó ní dhéanfainn é: maireachtaint an fhaid chéadna airís. Osclóchaidh an saoghal do shúile fós duit, ar mh'anam go gcaithfir clódh na hoibre do chur ort féin: go múinfidh sé ciall duit. Go gcuiridh Dia ar ár leas sinn i gcóir an tsaoghail atá rómhainn: aimsir fhada .i. an saghas beatha atá i ndán dúinn, nó ár stáid tar éis bháis. Dá mbeadh rith an tsaoghail liom bheinn ar mo shástacht anois tar éis ar thug mo shaothar chugham: an t-ádh. Cad tá ag duine ach an fhaid a bheidh sé ar an saoghal so .i. chómh maith aige aoibhneas do bhaint as. Saoghal duine seadh an chulaith sin .i. culaith a sheasóchaidh i bhfad. Saoghal an iobhair an fhiolair 'san iomaire chriathaigh – sealanna fada ar maireachtaint. Fuair sé saoghal fiolair: seal fada ar an dtalamh so. Is é atá gan saoghal, an t-aindeiseóir, a dhá cheann i gcré gach lá den seachtmhain: gan aoibhneas ná subháilceas sa bheatha so. Is é an saoghal gan easbhaidh é, moladh lé Dia: go leór den mbeatha ges na daoinibh. Tá Dia riamh ann is beidh trí shaoghal na saoghal: gan túis gan deireadh. Léan ort mar shaoghal is é mo chroidhe atá ciapuighthe agat .i. an saghas maireachtana atá agam. Níl aon amhras ná go bhfulimíd idir dhá shaoghal anois: go bhfuil módh ár mbeatha ag athrughadh. Thabharfainn mo shaoghal ag éisteacht leis, chómh breágh san na heachtraidhthe atá aige .i. ní éireóchainn tuirseach choidhche dhe. Agus a dhícheall a dhéanamh anois, mhuis, ní fada é a ré saoghail: a eaga ar an dtalamh: ar maireachtain etc. Beidh orainn claoidhe leis an nuadh-shaoghal tar éis an chogaidh chómh maith agus d'fhéadfam: atharrach slighe mharthana.

saoghal-ré: *f.4.* beatha, seal sa bheatha so, cunntas ar bheatha. Is geairrid an saoghal-ré a fuair sé .i. níor mhair i bhfad. Dá gcuireadh trácht ar a uile ghníomh ina shaoghal-ré ní ró-thaithneamhach an léightheóireacht do dhéanfadh sí: cúrsaidhe a bheatha.

saoghalta: *a. n-dh.* ag baint leis an dtalamh so nó leis an saoghal; talmhaidhe; gan bheith ag baint lé hórd eaglaise; fóirleathanadamhail; faidbheathach; suimeamhail i sochar na beatha so. Ar nós gach éinne eile bím ag treabhadh lém ghnóthaidhibh saoghalta: na rudaidhe atá nádúrdha don nduine dhéanamh chun aráin na beatha do thuilleamh. Ní réidhteóchaimís, is baoghalach, tá sé ró-shaoghalta dhom: ró-chruinn i gcúrsaidhe na beatha. An duine saoghalta in ao'chor é, fiafruighim díot, tugann sé an oiread cúrsaidhe isteach is go gceapfá go mbeadh i bhfiche áit ar aon uain: ag baint leis an mbeatha so againne. Thugas dóibh a raibh de mhaoin shaoghalta agam: ar bhfiú me do shochar is d'earraidhibh na beatha so. Cúrsaidhe saoghalta atá ag baint a mheabhrach de, choidhche ní chuimhneóchadh ar lá saoire bheith aige ná faic do chaitheamh air féin a thabharfadh aon aoibhneas do: na nidhthe a bhaineas leis an dtalamh so. Baineann an cogadh so a chiall shaoghalta dhe: déineann sé suathadh mór ar an inchinn aige. Bhain an bhean

chéadna a mheabhair shaoghalta dhe .i. bhí sé i ngrádh chómh mór san léi go raibh sé ait aice. Tabharfaidh san ina bheatha shaoghalta airís é: i sláinte fíor-mhaith. Is saoghalta an barránach é, oiread is luach cianóige ní leigeann sé amugha uaidh: glic chun dul chun cinn. Saoghalta nó samhalta ó, mo chroidhe 'on diabhal!!!: beó nó marbh, go dearbhtha nó i dtaidhbhse. Ó, léan air, b'fhearr liom gan bheith ar aon bhórd bídh leis, thabharfadh sé náire shaoghalta dhuit leis na béasaibh atá aige: náire id bheathaidh. Náire shaoghalta an tslighe atá biadh ag dul go tóin puill is na milliúin ag éigheamh lé hocras air: náire uathbhásach. Ní sagart saoghalta é, baineann sé lé hórd éigin ná feadar .i. go bhfuil móid áirighthe ag baint leis. Is baoghalach ar na cortha a bhí déanta aige ná raibh dóchas saoghalta ná síorraidhe aige: súil lé maitheamhnachas annso ná annsúd. Más saoghalta thu, labhair!: duine beó. Mairfir go saoghalta ach aire do thabhairt duit féin: seal mór fada. Ná tagadh aon rud saoghalta treasna ort a choingbheóchadh moill ort: rud ar bith. Bí ádhbhairín níos saoghalta: beagán níos ceanamhla ar do chuid.

saoghaltacht: *b.3.* baint leis an saoghal, leis an dtalamh; tugthacht do chúrsaidhibh an tsaoghail seo; an aigne ar dhul chun cinn i sochar an tsaoghail; saidhbhreas; slighe bheatha; dearbhthacht beatha. An té a chuireas a shuim ró-mhór i saoghaltacht is deacair do aire do thabhairt do Dhia: i ngnóthaidhibh is cúrsaidhibh sochair na beatha so. Do dhall an tsaoghaltacht é riamh: i rith a bheatha ní raibh ag baint a chéille dhe ach connus ghnóthóchadh sé strus an tsaoghail. D'aindeóin don tsaoghaltacht déanfad é: agus an saoghal mór do bheith im choinnibh. Dhíolfadh sé a anam leis an ndiabhal ar an saoghaltacht: é sanntach chun sochair na beatha so. Ar shamhaltacht ná ar shaoghaltacht ní scarfainn léi: ar aon rud atá nó a cheapfadh aigne an duine. Níl aon tsuim i saoghaltacht aige, ach gach lá do chaitheamh ann féin: is cuma leis i dtaobh cnuaisciúin nó sonas sochair.

saoghaltánach: *a.* ceanamhail ar shochair na beatha, cruinnightheach, dian chun cnuaisciúin. Níor bh'fhada réidhtigheadar i gcómhar lé chéile, bhí duine aca ró-shaoghaltánach don bhfear eile: ró-shanntach: dúil aige breis do bheith aige. Dá ngeóbhfá chuige is aon bhroid do bheith ort gheóbhfá amach ná fuil sé saoghaltánach: greamuightheach ar rud do chongbháil aige féin. Ná déarfá go mbeadh a dhóthain anois aige is go gcaithfeadh sé an chuid eile dá laethibh go sámh, ach is saoghaltánaighe anois 'ná riamh é: is mó an fonn air sochar do bhailiughadh. Bhíodh croidhe mór tamall ag eisean, tá saoghaltánach ar fad déanta dhe lé déidheannaighe, níl ag baint a mheabhrach de ach connus airgead do bhailiughadh. Saoghaltánach suarach ná feicfeadh a chroidhe dá mbeadh sé ar a bhais aige: duine go mbíonn dúil cheart aige breis de mhaoin an tsaoghail do bheith aige.

saoghaltánacht: *b.3.* fonn chun an tsaoghail, chun ruda do chruinneáilt is do bheith aige; sealbhantacht. Ní haoibhneas ná suairceas atá ag déanamh mearbaill do ach saoghaltánacht, féachaint cá nó connus thuillfidh sé pinginn is chasfaidh i gceirt í: an dúil mharbhtha chun rud do bheith aige: stiall mhaith den saoghal. Dá fheabhas é, féach gur bhuaidh an tsaoghaltánacht air .i. gur chaith sé stad di lé hiomad duaidh d'iarraidh an chnuaisciúin do mhéadughadh.

saoghaltas: *f.1.* maoin, saidhbhreas, ionmhas, sealbhantas, sealbhas. Ar a raibh de shaoghaltas ag Déamar ní fhágfadh sé an poll suarach a bhí dhá áitiughadh aige: maoin. Tá saoghaltas eile aige seachas a bhfuil sa bhannc aige, cad mar gheall ar na tighthibh go léir atá ar chíos aige?: luach ionmhais: geall lé maoin.

saoghlach: *a.* ag baint leis an mbeatha, leis an saoghal, beó, beathadhach, aosmhar, fad-mharthanach. Budh dhual do do bheith saoghlach, aos mór ag gach n-aon a bhain leis sara bhfuair bás: ré fada ar an dtalamh aca. Iasc righin-shaoghlach go maith seadh eascú fharraige: is deacair a cur chun báis. Ní saoghlach an earra a cheannuighis ins na brógaibh sin .i. ní fada sheasóchaid. Bíonn sé an-dhian ar aon rud a chaitheann, ní saoghlach aige é: buan. Sin hata maith, saoghlach agat ar an airgead ach aire do thabhairt do: buan, seasamhach. Aon mhachtnamh ní bhíonn aige ar rudaidhibh saoghlacha, filidheachta is scríobhnóireacht atá ina cheann: rudaidhe a bhaineas leis an mbeatha. Éinne a mhaireas an céad bíonn sé fad-shaoghlach a dhóthain: go leór na haimsire caithte sa bheatha so aige. Nách mío-shaoghlach an duine thú má chuireann rud beag mar é sin déistinn ort: duine lag-spirideach. Cad dob ainm don dTurcach saoghlach a fuair bás bliadhain ó shoin: ársa.

saoghlacht: *b.3.* cuid mhór, líon mór, líonmhaireacht. Creid mise leis go raibh an tsaoghlacht de raic dhá bhailiughadh isteach aige siúd i ngan fhios d'éinne beó: cuid mhór, ghroidhe. Tá san chómh cluthair, deiscréideach san go mbeadh an tsaoghlacht aige i ngan fhios d'éinne: tiomargadh mór d'aon rud. Marbhuigheadh an tsaoghlacht de choinínidhibh sa duibhch chéadna sar ar díscigheadh iad: an t-aimeón.

saoghlaidhe: *f.4.* duine a mhaireas, trionóntaidhe lé n-a shaoghal. D'fhág sé le hudhacht me mar shaoghlaidhe ar a chuid talmhan: é do bheith agam faid mhairfinn gan chead a fhágaint nó do thabhairt do neach eile. Chuaidh an long chogaidh ar thóin puill gan acht aon tsaoghlaidhe amháin do theacht aiste: beathadhach: duine a mhaireas i ndiaidh a thuilleadh.

saoghlughadh: *f.* (*-uighthe*) ag breith; do thabhairt ar an saoghal, do bhuanughadh. Chun é féin do shaoghlughadh bíonn sé ag itheadh gach aon rud maith: do bhuanughadh ina bheathaidh. Caithfear malairt daoine do shaoghlughadh sa tír más mian linn ár saoirse do luathughadh: do chruthughadh: do thabhairt ar an saoghal. An d'iarraidh na mbróg do shaoghlughadh ataoi go bhfuilir ag cur na híle fútha: do bhuanughadh: go dtabharfaidís breis chaithimh uatha. Saoghlughadh ar an gcasóig seadh an deisiughadh san do dhéanamh ortha: buanughadh. "Is mór an saoghlughadh orm", arsa fear an tarta, "an deoch bhríoghmhar san": fadughadh beatha. Saoghlughadh beag ar dhuine seadh an mion-chabhair seo, nách fios cathain thiocfaidh, má thagann a thuilleadh: cóngamh beag chun beatha.

saoghluighim: *b.a.* ₇ *n-a.* tugaim ar an saoghal, saothruighim, beirim, buanuighim, faduighim beatha. Is maith is cuimhin liom an oidhche a saoghluigheadh thu: rugadh. Níor saoghluigheadh leat bheith it fhear chómh maith liom-sa .i. níor thugais chun baile leat é: níor dhual ná níor dhúthchas duit é. "Nách breágh ná féadfadh sé maireachtaint macánta" – "níor saoghluigheadh san leis": ní rugadh leis é: tháinig sé ar an saoghal gan

an mianach macánta. Ní bhíonn aon dul ag duine ón rud a saoghluightear leis: a thagann de thréith leis 'on bheatha so. Saoghluigheadh an bhacaidheacht leis: é bacach nuair rugadh é. A ruathaire, níor saoghluigheadh agus níor beathuigheadh leat a bheith chómh galánta liom-sa: níor geineadh ionat é, ní lugha ná hoileadh leat é. Go saoghluighidh Dia é, is iomdha maith atá déanta dos na bochtaibh aige: go mbuanaighidh Sé sa bheatha so é. Níor saoghluigheadh duine clainne chúcha: níor thárlaidh dóibh clann do bhronnadh ortha. Ón lá a saoghluigheadh me ní rug a leithéid d'uain gháiridhe orm .i. i rith mo bheatha. An rud a saoghluightear lé duine is deacair é do bhaint amach as a chruthachaibh: a bhíos geinte ann. Sin é an dochtúir a shaoghluigh thu: a rinne cabhair.

saoghluighthe: *a.r.* beartha, tagtha ar an saoghal. I bhfad sara rabhais saoghluighthe dob eadh é seo: tagtha. Féach an t-éiscín, níl sé ach saoghluighthe cruthnuighthe: beatha curtha ann .i. tá sé bíognach. Fuair a athair bás sara raibh an garsún saoghluighthe: tagtha ar an saoghal.

saoi: *f.4.* (*iol.* –the) duine fiúghantach, suinge, duine a sháruigheas in aon ealadhain, duine béascnaidh, árd-eólgach; duine go mbíonn urraim ag dul do i dtaobh saor-léighinn, uaisleachta, galántachta. "Ná mol is ná dío-mhol daoi mar na bíonn saoi gan locht": an té is eólgaisighe dhéanfadh a bhotún chómh maith lé duine. Éist liom, léd thoil, a shaoi: a dhuine fhiúghantaigh. Chuirfeadh sé an chloch ghlas ag gáiridhe, is é an saoi suilt: máighistir críochnuighthe ar ghreann is gáiridhe. Suidhfead lé nbhur dtoil-se, a mhuinntir an tighe ameasc na saoithe: iad so is léigheanta agus is eólgaisighe. Ní bheadh aon ghnóth ar bhórd na saoithe agam, táim ró-dhall: na daoine léigheanta. "Níl fearann, níl tigheas agam, níl saoithe na slóg, etc.": talmhaintidhe, riar bídh, daoine uaisle cearta ná arm etc. Fágaimís fén saoi an chruaidh-cheist seo do réidhteach: duine uasal léigheanta, béasach, urramamhail. A cháirde, b'ait liom mar thigh inar casadh me, ná feaca saoi ná daoi .i. éinne in ao'chor. Saoi na céirde é siúd, an iongadh go ndathóchadh sé peictiúir áluinn: árd-eólgaiseach. Éinne mar é, a chaith furmhór a shaoghail i gcómhluadar saoithe is deacair do maireachtaint ameasc tuataidhe mar sinne .i. daoine go raibh sé i bhfuil is in oileamhaint ionta. Tá sé ar shaoithibh Éireann .i. ar an ndream is léigheanta agus is mó béascnadh.

saoileachtain: *b.3.* ionchas, dóchas, machtnamh, smaoineamh, íomháighneacht. Aon tsaoileachtain ar domhan ní raibh aige go dtiocfadh sé saor ón aer-ruathar a bhí ag luascadh is ag leagadh tighthe ina thímcheall: aon chuimhneamh. Ná bíodh sé de dhearmhad ort bheith ghá shaoileachtain go bhfaghair aon phioc de so mar ná fuil neach ina bhun duit: ghá smaoineamh. Chaitheadar an oidhche dhiamhair, chonntabharthaigh sin gan saoileachtain éinne lé maireachtaint tríd an anaithe: súil ar bith. Cabhair ná cóngamh níl ag teacht ortha, iad ag maireachtaint ar an saoileachtain: an dóchas go dtiocfaidh fuascailt am éigin ortha. Im shaoileachtain is minic mo chuaird ar mo dhúthchas thar lear: im chuimhntibh.

saoilim: *b.a.* machtnuighim, cuimhnighim, bím ag tnúth lé, tuigim. An saoilir go bhfuilim im amadán go gcreidfinn gach aon bhod an bhóthair a chogruigheas im chluais?: an dtuigtear duit. Saoiltí dho, bhí sé chómh baoth sin, ná raibh aige ach rud do lorg is go bhfaghadh: buailtí ina aigne. Ní mar a saoiltear a bítear, an lá thóg sé an siopa do mheas

sé go ndéanfadh sé a shaidhbhreas, féach anois chómh dealbh lé bonn mo bhróige: ní mar ceaptar roim ré a thuiteann amach. An amhlaidh a shaoilir me do ghortughadh go bhfuilir ag tarrac an dréimire uaim?: a meastar duit. "Shaoileas go – " – "saoileann tusa rud (a lán)" .i. scaoilis léd shaoiltin go fiadhain .i. ní bhíonn aon teóra leis an aiteas a ceaptar duit. Fuair sé bas airéir, rud nár saoileadh: ná raibh súil leis. An diabhal má shaoileas riamh go ndéanfadh sé cabhair do thabhairt dom: níor tuigeadh in ao'chor dom. "Agus ar an adhbhar san bíth-se ullamh; óir is annsan uair nách saoiltí thiocfas Mac an duine" (Matha XXIV. 44): an uair is lugha bheadh coinne leis. "Agus adubhradar uachtaráin chloinne Ammon ré Hanun a dtighearna, an saoileann tusa go dtugann Dáibhí onóir dot athair, as a gcuirfeadh sé daoine dot shólásughadh?" (2. Sam. X. 3): an meastar duit. Cad shaoil sé a dhéanamh?: cad é an fonn a bhí air. Níor shaoileas in ao'chor ort, níor cheapas go rabhais beo: níor chuimhnigheas.

saoilteach: *a.* amhrasach, ráflach. Táthar an-shaoilteach ort gur leat do thuitfidh an áit: mórán amhrais ort. Aimsir shaoilteach seadh aimsir chogaidh, bíonn teanga gach éinne ar siubhal: ráflach. Táir ró-shaoilteach ar fad, dhéanfá duine de gheósadán: bíonn an iomad tuairmidhe fé dhaoinibh agat.

saoire: *b.4.* cead, cead cos; neamh-chosc; neamh-spleádhachas, préac, scaoileadh; féile; uairneacht; scur ó obair; ísle i luach. Tá ar Chaitliocaidhibh aifreann d'éisteacht gach Domhnach is lá saoire fógartha: lá curtha i leathtaoibh ag an eaglais chun scurtha d'obair is a cheileabhradh do Dhia. Ná bí ag briseadh na saoire .i. ag déanamh oibre a bhíos coiscighthe lá beannuighthe an Tighearna, nó lá a bhíos curtha ar leithrigh lé hórdughadh ón eaglais. Ní haon tsaoire dhuit é do dhéanamh: ní thiocfaidh sé aon phioc níos fusa ort. Déinimíd an tsaoire annso in Éirinn lá Féile Pádraig: staonaimíd ó shaothar. Ins an taobh thiar theas de Chorcaigh budh ghnáth leis an saoire do chaitheamh: tréimhse ná bíodh ar claoidhe lé n-a ghnáth-obair. Táir-se díomhaoin indiu, ar airighis riamh lá saoire sa gheimhreadh a shaothrughadh ar an bhfóghmhar .i. an fóghmhar a dhíolas as. Déintear saoire uasal de Lá Fhéile Pádraig in Éirinn .i. iomlán. Breabhadóiridhe saoire is mó a chuireannn fútha ins an áit seo: dream a thagas chun tréimhse beag do chaiteamh ar bheith ar n-a scur ó obair dóibh. Saoire na hearra a mheall é chun a ceannuighthe: ísle a luach. B'fhuraiste aithint ar a shaoire ná féadfadh puinn maitheasa do bheith ann: luighead a luach. Déinimís lá saoire dhe: staonaimís ó obair. "An Nodlaig in aghaidh an ráithe, an cháisc in aghaidh na seachtmhaine, lá saoire sa darna lá is lá fliuch eatartha" .i. an tslighe budh mhian leis an nduine díomhaoin an bhliadhain do chaitheamh. Dá mbeadh saoire mo ghéag agam b'fhéidir go bhféadfainn me do chosaint, ach bhíodar san ceangailte go daingean: cead a gcorruighthe. Tagann saoire cainnte go maith tímcheall sclábhaideachta ort-sa, ná deárna lá oibre riamh: go bog. Scaoil an capall amach ar féar, tugtar saoire bheag do, tá sé leath-mharbh ó obair: fuascailt ó shaothar. "Ar lorg na saoire i gcómhnaidhe": deirtear lé duine bheadh ag seachaint duaidh nó ghá chur ar an bhfear thall. Is mór an tsaoire dhuit gluaiseacht gan aon ualach dhá iomchar agat: breis shuaimhnis: fuascla. Ar a shaoire a thagann obair air ní fhéadfadh gan eolas cruinn do bheith aige: a fhusa a dhéanamh. B'fhuraiste dhúinn sa tsean-shaoghal pinginn do chur tharainn ar a shaoire a thagadh earraidhe orainn do cheannach: a luighead do thugaimís ortha. Saoire aistrightheach (reatha) seadh an Cháisc .i. bíonn sí ar malairt ceann-thrátha

gach bliadhain. Duine sainnteamhail chun an tsaoghail a bhrisfeadh saoire an Domhnaigh: sollamhantacht an lae bheannuighthe san.

saoirse: *b.4.* cead, neamh-spleádhachas, cead iomlán chun ruda; saordháil, saorthoil; gach ceart; fuascailt. B'fhéidir ná raibh Éire riamh chómh geairrid dá saoirse is tá sí anois: a bheith ar aiste ná beadh buannacht ag aon dúthaigh eachtrannaigh uirthi. An lá do caitheadh ar mo shróin i gcarcar me baineadh mo shaoirse dhíom: cead mo shaor-thola do dhéanamh. Sasana ghá shuidheamh go glórach go bhfuil sí féin agus a cómhghualnaidhthe ag obair ar son saoirse na dtíortha atá fé sháil na Gearmáine: a bhfuascailt ó thíoránachas: cead a slighthe féin do thabhairt dóibh. "Agus do fhreagair an t-uachtarán, is mór an tsuim ar a bhfuair mise saoirse na cathrach sin. Agus adubhairt Pól, do rugadh mise saor" (Gníomhartha XXII. 28): cead cirt gach cathraigh. Duan na saoirse: dán no rosc chun na ndaoine do mhúscailt chun na cuinge do chaitheamh díobh. Ní mór den tsaoirse a gheibheann sé ag baile ó mhnaoi an tighe. Is aice atá an spaga: slighe chun a thola do dhéanamh is do leanamhaint. Is iomdha coir a déintear ar scáth na saoirse: aiste gan cosc gnímh duine nó dúthaighe. Dá mbeadh mo shaoirse agam, déarfainn rud éigin, ach tá orm mo bhéal do chongbháil iadhta: cead labhartha. Fuair na príosúnaigh a saoirse: scaoileadh amach iad. Is dos na bochtaibh do ceapadh na flaithis mar shaoirse: oidhreacht: suaimhneas aoibhinn. Cá bhfuil an tsaoirse agam? is féidir lé Gárda coimhtheas do chur orm agus me do cheistiughadh má bhuaileann an teadh é: cead gnímh is gluaiste mar is dual do gach urradh. Saoirse na bhflaitheas dár n-anam bocht an lá déidheannach: cead dul ann. Bain an ceangal ón ainmhidhe sin, tabhair a shaoirse dho: cead a chos: gluaiseacht. "Do chuir Sé me...d'fhuagra saoirse do na bráighdibh agus oscailte na carcaire don ndruing atá ceangailte" (Isai. LXI. 1): a bhfuascailt: a dtógaint as bhroid. Bíodh mo shaoirse nó mo bhás agam!: cead gnímh gan chosc. Saoirse ó Chríost ar ár bpeacaidhibh dúinn: fuascailt: neamh-agairt.

saoirseach: *a.* tugtha do nó ceanamhail ar an saoirse. Tír shaoirseach riamh an Fhrainnc, bhuaileadar ina lán tír ar a son.

saoirseacht: *b.3.* saoire, saoirse, cead gnímh gan chosc, fuascailt, scaoileadh. Ag troid ar son ár saoirseachta: saoradh ár ndúthaighe ó smacht allmhurach. An bhfuil saoirseacht agat-sa, dar leat, gach aon rud is mian leat do dhéanamh: ceadaidheacht: breith do bhéil féin. Ag dul ar an saoirseacht ataoi riamh, ní chaithfeadh éinne eile ach tu an chulaith sin: ag ceannach earraidhe ná cosnochadh puinn. Ar a shaoirseacht atá earraidhe anois, tá sé i gcumas an té is boichte balcaisidhe do cheannach do féin: ar luach íseal. Anois go bhfuil sé ar a tháille beidh saoirseacht feasda aige, agus ní miste dho é is iomdha lá cruaidh oibre curtha isteach aige: sos ó dhuadh: cead aige a rogha rud do dhéanamh leis féin.

saoirseacht: *b.3.* gairm nó ceárd saoir; an chuid de thógáil a deintear lé cloich, bríc, is mairtéal; obair chloiche. Tá saoirseacht ar an dtigh sin: tá sé tógtha go slachtmhar. Raghad lé saoirseacht: foghlumóchad connus tógálacha do dhéanamh as chloich etc. Saoirseacht adhmaid a bhíonn ar siubhal ag an mbuidhin sin .i. ag ceapadh is ag déanamh troscáin, etc., d'adhmad. Saoirseacht luinge: an cheárd ar luing do dhéanamh. Ag saoirseacht ar bhád: ghá déanamh, deisiughadh etc. Thugas adhmad do chun fuinneóige do dhéanamh, tá sé gan snaoidhe gan saoirseacht ó shoin: gan cuma gan crot.

saoirsighim: *b.a. 7 n-a.* laigheaduighim i luach. Ní hamhlaidh a shaoirseóchaidh earraidhe tar éis an chogaidh seo, mar is gnáth tar éis a leithéide i gcómhnaidhe: go dtuitfid i luach. An Ghiúdach a tháinig 'on bhaile a shaoirsigh earraidhe ann: a ísligh an luach. "Choidhche airís ní shaoirseóchaidh an deoch", arsa fear an tarta .i. ní raghaidh a luach i luighead. Iomadamhlacht a shaoirsigheas.

saoirsiughadh: *f.* (*-uighthe*) laigheadughadh i luach. Ó, Dia linn, an duine bocht, ní hag saoirsiughadh air atá gannaidhe ach ag daoirsiughadh: an luach do bheith ag teacht anuas. Camasghail na gceannuightheóiridhe is bun lé saoirsiughadh an éisc: an t-airgead do lagughadh air.

saoirsine: *b.4.* neamh-spleádhachas, neamh-smacht, neamh-chosc; saoradh, fuascailt. Is beag duine go bhfuil saoirsine ó úghdarás aige: gan bheith fé smacht. Dá mbeadh saoirsine spiride againn ní fhoidhneóchaimís i bhfad lé mórchuid den anacair a cuirtear orainn: dá mbeimís meanmnach, meisneamhail.

saoiscéal: *f.1.* ceann des na cheithre chéad leabharthaibh den dTiomna Nuadh mar a bhfuil aithris ar bheatha is theagasc an tSlánuightheóra; Críostaidheacht; sliocht áirighthe as na leabharthaibh seo a léightear don phobal .i. saoiscéal an lae. Is iomdha rud ná fuil sa tsaoiscéal a deir sé: ná bíonn fíor nó i gceist. Deireadh an tsaoiscéil an t-airgead: tar éis gach beart is gach cainnte is é an t-airgead a réidhtigheas gach aonnidh. Éistighimís léd shaoiscéal: leis an rud atá lé rádh agat ar chúrsa éigin. "Agus do ghaibh Íosa i dtímcheall na Gailile uile, ag teagasc ann i sionagógaibh agus ag seanmóir saoiscéil na ríoghachda, ag slánughadh gach tinnis is gach éagcruais ameasc an phobail" (Matha IV. 23): an chríostaidheacht. "Do rinneamair dánacht ar ár nDia féin re saoiscéal do sheanmórughadh díbh-se..." (1. Tessal. II. 2). Lean ded shaoiscéal, ná cuirim-se cosc ort .i. ar an gcúrsa atá ar siubhal agat. "I dteine lasardha ag déanadh díoghaltais ar an ndruing ag nách bhfuil eólas De, agus nách dtugann umhlacht do shaoiscéal ár dTighearna Íosa Críost" (2. Tess. I. 8): d'fhocal Dé mar teagasctar é. "Is mar an gcéadna d'órduigh an Tighearna don druing fhoillsigheas an saoiscéal a mbeatha d'fhagháil ón saoiscéal" (1. Coir. IX. 14).

saoiste: *f.4.* suidheachán, cuaille, suidheachán cruinn súgáin; aon rud a bheadh reamhar, téagartha. Dún do bhéal anois tá saoiste maith sa chúinne agat: suidheachán seascair. Bhíodh ceárd ar shaoiste ruaimnighe do dhéanamh: suidheachán cruinn de shéirsín ruaimnighe. Cár imthigh na saoistidhe móra tobac a bhíodh fadó ann?: cuaillidhe mora casta ar a chéile ina rollaidhibh. Saoiste mná nár bh'fhada an mhoill uirthi speal oibre do dhéanamh: bean mhór chumasach. Saoiste fir go bhfuil fulang oibre is caolchoda ann: fear groidhe, déanta. Saoiste caillighe ná cuirfeadh fáilte rómhat: bean mhór dhoichilleach, dhochaiseach.

saoiste: *f.4.* duine a bhíos i gceannas oibre nó gnótha; feadhmannach. Saoiste breágh, bog gur furaiste an lá do chur isteach do: feadhmannach. Siúd é atá ina shaoiste anois ar a bhfuil de chléireachaibh ann: ina cheann: a threóruigheas iad. Sin é atá ghá mhilleadh riamh, a mhian bheith ina shaoiste: mar cheann ar dhaoinibh ionnas go mbeidís fé n-a smacht aige. Nách é an saoiste agam é!: an duine mór-thábhachtach.

saoisteóg: *b.2.* suidheachá, cruinn déanta de shúgán, leigthe, fighte.

saoistidheacht: *b.3.* faire agus aire oibre nó gnótha; feithmheóireacht; ceannasacht. Níor ró-mhaith an earra é dá mbeadh saoistidheacht aige, is é bheadh go dian: cúram gnótha nó oibre. Is mór gur fearr chun saoistidheachta é ná chun éinnidh dhéanamh: is leagtha lé hórdughadh do thabhairt uaidh é ná lé lámh do chur san obair é féin. Ní haon droich-cheann fear é sin in ao'chor, níl aon tsaoistidheacht ag baint leis: cur in iúil go sotalach go raibh ughdarás aige. Bhí an tsaoistidheacht ró-mhor air aice d'fhág sé annsan í: ughdarás is smacht ró-dhian. Thug sé na bliadhanta ag saoistidheacht: ina cheann ar lucht oibre.

saoistín: *f.4.* suidheachán beag. Chuaidh sé ar a ghlúinibh ar shaoistín: stóilín. Ar shaoistín cois teine: suidheacháinín bog de thuighe nó a leithéid.

saoitheamhail: *a.* uasal, eólgaiseach, léigheanta, béascnach, eagnaidhe, greadhnach. Duine saoitheamhail as a labharthaibh, is fada fuar go ndéanfaidh sé a bhotún: eólgaiseach. Budh bhreágh leat seal ina chómhluadar, saoitheamhail séimh ar gach cuma a iarrfá é: deagh-bhéasach, uasal. Is iad is saoitheamhla ar fhilidheacht do cheapadh: is cliste. Cuideachta shaoitheamhail seadh é ar aonach nó ar mhargadh .i. in aon áit is fiú seal do chaitheamh ina fhochair maidir lé subháilceas. Ní labharfadh duine saoitheamhail borb mar sin: deaghbhéasach, deagh-oilte. Go saoitheamhail is go suairc chaitheas an tseachtmhain leó: chaitheas an aimsir go soilbhir subháilceach.

saoitheamhlacht: *b.3.* léigheantacht, uaisleacht, eólgaiseacht, béascnacht. Dá mbeadh aon tsaoitheamhlacht ag baint leis, ach níl, níor leath nath leat é d'fhagháil ionaid áird mar é: uaisleacht: béascnacht. Cá ngeóbhadh an tsaoitheamhlacht atá ann? labharfadh sé leis an nduine is ísle a thiocfadh treasna air: béasamhlacht is uaisleacht ó dhúthchas. Ní leigfeadh an tsaoitheamhlacht do freagra grod do thabhairt air. Rug a hollamhain barr ar shaoitheamhlacht: léigheann is béascnadh.

saonta: *a. n-dh.* neamh-úrchóideach, neamh-chúiseach, réadh-chúiseach, nádúrtha, oscailte, soi-mheallta. Duine saonta mar é sin, ná tuigeann a mhalairt, is mór an náire dhuit bheith ag cur bréag ina luighe air: duine baoth, neamhghéar. Más dóigh leat go bhfuilim-se chómh saonta agat is gur dóigh leat go gcreidim a n-abarthar mar gheall ar an gcogadh so i ngach ráidhteas a leathtar, tá dearmhad ort: chómh soi-mheallta. Cailín shaonta a ghéill dos gach aon fhocal do chan an cladhaire léi: ná raibh glic ná léir-bhreithnightheach. Na fógraidhe a bhíos ar na páipéaraibh i dtaobh bróg is éadaighe ban meallaid mná saonta chun a gceannuighthe: neamh-aireach: ná bíonn cliste go leór ar an ngliocas a bhaineas lé n-a leithéid do bhreithniughadh. Má bhír ró-shaonta leis feallfaidh sé ort: boigéiseach: neamh-aireach. Duine saonta é sin ná tabharfadh urchóid fé ndear chómh pras lé duine eile: réadh-chúiseach: ná bíonn aon chamasghail ina chuid d'éinnidh. Daoine saonta b'eadh ár sínsear 'e bhreis orainne .i. ní rabhadar chómh glic chun an tsaoghail linn. Fear macánta adéarfainn, tá cuma shaonta air: boigéiseach: ná beadh aon chamasghail ina chuid. B'é an machtíre i gcroiceann na caorach é, dá bhfeictheá-sa an chuma shaonta a bhí air sin ameasc na ndaoine ar an am gcéadna go raibh sé ghá mbrath:

macánta. Níl sé chómh saonta is tá deallramh air: chómh boigéiseach: ní furaiste bob do bhualadh air. Na rudaidhe is deiscréidighe a bheadh ar a aigne scaoilfeadh sé amach iad, tá sé chómh saonta san: gan aon ghliocas foiligheachta.

saontacht: *b.3.* neamh-chamasghail, neamh-urchóid, réadh-chúiseacht, oscailteacht aigne. Lé n-a shaontacht d'fhág sé na hearraidhe ar bóiléagar mar a bhféadfadh éinne iad d'árdach leis gur bh'áil leis sin: buige, neamh-chríochnamhlacht. Chuirfeadh sé a mhuinghin as bhod an bhóthair lé n-a shaontacht: lé n-a bhuige raghadh sé i leith an té ná feacaidh sé riamh roime sin. An tsaontacht go léir atá lasmuigh ann 'san diablaidheacht go léir laistigh: clódh na macántachta. Le saontacht an leinbh chreidfeadh sé aon rud: réadh-chúiseacht: neamh-ghliocas. An lém shaontacht ataoi ag faire ar bheith ag magadh fúm?: an toisc me beith bog, neamhghlic, dar leat? B'fhuraiste salann do chur ar laogh dho lé n-a shaontacht: ceal gliocais chun ruda do bhreithniughadh go cruinn. Reamhruigh sé is shaidhrigh ar shaontacht na ndaoine go raibh sé ag tráchtáil leo: a fhusa iad do mhealladh maidir lé conbharsáid leó. Lé corp saontachta níor thug sé fé ndeara go raibh fear a bhraithte ina chuibhreann: réagántacht aigne: neamhghéire.

saor: *f.1.* ceárdaidhe. Saor cloiche: duine a chuireas tógálacha ós chionn a chéile de chlochaibh. Saor bríce .i. a oibrigheas lé bríc. Saor adhmaid .i. siúineir. Saor báid, luinge etc.: a chuireas lé chéile iad. An Saor: Dia. An Gobán Saoir: ceárdaidhe lé cloich a bhí ainmnighthe is go bhfuil mórán tagartha dho i scéaltaibh. Gach saor go binn is gach treabhaidhe go caolfhód cam: ar dhéanamh na binne bhíonn an tástáil cheart air. Is fearr saor síor-bhuailteach ná saor-sár-bhuailteach: is é an saor is mó a chuireann an chloch go minic is ní hé saor a bhíos ró-cháiréiseach ina taobh: an ceárdaidhe maith. "Ag baint na tuagha as láimh an tsaoir": ag cur cosca leis an té a bhíos ag déanamh go ceart is ghá fhágaint fé dhuine níos measa .i. ón eólgach go dtín aineólach. Mac an tsaoir adhbhar an tuata .i. ní ritheann ceárd lé muinntir. "Do shaoraibh crainn agus d'aos déanta tighe agus do shaoraibh cloch, agus do cheannach adhmaid agus clocha snoighte d'aithdéanadh an tighe" (2. Righthe XXII. 6). Cloch ar a faobhar ní shaor riamh a chuir: droch-thógáil seadh í.

saor: *a.* gan smacht, ceangal, cuibhreach, cosc, gan bheith i mbraighdeanas; cead i bpoilitidheacht; gan bheith fé dhaoirse, ná i gcoimeád duine nó tíre eile, fé úghdarás; neamh-spleádhach; fé smacht duine féin, gan beith greamuighthe, gnóthach, gabhtha, flúirseach, fuidheach, flaitheamhail; ar luach bheag; in aisce; réidh; fuascaltha: glan ar. Táim saor indiu, raghad ann .i. níl aon rud lé déanamh agam a choiscfeadh me. Dá mbeadh an tír seo saor dob fhearrde í, bheadh sí níos saidhbhre: gan bheith fé smacht ag tír eachtrannaigh. D'fhágas an chúirt im fhear shaor: gan coimeád ag an lucht ceannais: neamhchionntach: neamh-dhaor. Tugadh lámh shaor do i rith an tighe .i. cead a rogha rud do dhéanamh. I dtaobh an chogaidh seo tá m'aigne saor: ní ghéillim d'aon taobh seachas taobh eile: nílim claon. Thuit an port orm is ní raibh saor dem chorp uaidh ach mo cheann: gan bheith i ngreim. Dá mbeadh mo lámha-sa saor, ach ní raibh, mar bhí orm mo ghreim do choimeád ar an méis ní leigfinn an t-arán leis an madra .i. ar aiste áis do bhaint aiste. Cuid againn atá saor ar an ngannchar is cuid againn ná fuil .i. ná fuil sé ag goilleamhaint ortha. Táir saor imtheacht nó fanacht: níl aon smacht ort. Tá toil an duine saor: neamh-spleádhach. Bead gnóthach go dtín a deich a chlog, annsan bead saor .i. ní

bheidh faic lé déanamh agam. Na laetheanta so tá dathacha nó dútaidhe ag gabháil díom; níl mo ghéaga chómh saor is budh ghnáth leó do bheith: so-ghluaiste. Scríobhann an peann so saor go maith: go réidh, so-ghluaiste: gan duadh. Tabhair iarracht eile ar an bpíp do réidhteach, ní thagann an gal saor aiste: go bog: gan chosc. Níl tobac ró-shaor anois: níl sé lé fagháil ar luach beag. Budh shaoire dhuit i ndeireadh na dála earra budh dhaoire, dob fhearr do cheannach, mhairfeadh a dhá fhaid ina hearra: budh neamh-chostasamhla: is lugha a bheadh as do phóca léi. "Cad a thugais air sin?" – "fuaireas saor in aisce é, is amhlaidh do bhronnadh orm é": gan aon rud do dhíol as. Ní mór na hallmhuiridhe ag teacht saor isteach 'on tír seo anois: gan cháin do dhíol asta. Caithfeam stad annsan, níl an bealach saor tá clocha air: réidh: so-ghabhtha. B'fhearr liom go mbeinn in áit éigin go mbeinn saor ó radharc na ndaoine .i. ná beadh cao aca bheith ag amharc orm. An bhfuilir saor ón dtinneas fiacaile fós?: an bhfuil sé imthighthe. Cómhnuighim i dtigh saor ó chíos: tigh nách gábhadh aon rud d'íoc as. Cé hé atá saor ó pheaca: gan peaca. Táim-se saor ar an gcoir: neamhchionntach: gan aon bhaint léi. Mo thuairm-se ná fuilir-se, a bharránaigh, ró-shaor ar an airgead a tógadh as so .i. go raibh baint éigin agat lé n-a imtheacht. Dá bhfaghainn cead saor chun a choda, an rud suarach, ní bhuailfinn mo phus air: cead iomlán. Bhí an oiread léighe lé hEilís Rís go mbéarfadh sí duine saor ón gcroich: an té a bheadh daortha chun a chrochta go bhfaghadh sí a shaoirse dho. Ní saor a thagann a bheatha ar an té a bhíos ag obair ó dhubh dubh: bog, saoráideach. Beannacht leat, saor, slán go dtéighir: gan díth gan locht. Dubhairt ambasa de labhartha saora go gcuirfeadh sí scian go fuirc in aon duine a chuirfeadh barra méire air: go hoscailte: gan chúntar. Nár shaoire dhuit do bhéal d'éisteacht 'ná bheith ag déanamh amadáin díot féin ag teacht eatartha san: suaimhneasaighe: budh lugha clampair duit. Ag díol saor is ag ceannach daor a bhris é: ceal gaoise i dtráchtáil. Ní dócha nach saor dom as a bhfuil de pheacaidhibh orm .i. go gcaithfead a gcúiteamh. Creid mise leis nách teacht saor duit bheith ag gadaidheacht: ná héalóchair. Tiocfaidh sé saor ón aicíd seo: slán. Saor go maith atá sé ag teacht ar éinne atá ceártéiseach ar an té atá i gcruadhchás: bog: ní bhraitheann an duadh. Bímís ag gluaiseacht má tá gach éinnidh saor: réidh, ullamh. Arduigh do mhaide as an uisce, níl sé saor .i. tá sé greamuighthe fé. Táir saor agam an turus so: beartha as ghuais. Níl an bád saor den gcarraig fós: glan uaithi. Fan saor díom: ná bíodh aon bhaint agat liom. Fan saor den gcúinne nó iompófar thu: fan amach uaidh. Tá sé chómh saor leis an ngaoith .i. níl a bhac air a rogha rud (ar an margadh) do dhéanamh. Ní chloisim go saor thu: go soiléir. Leig saor an turus so é, má tá cúis féin air, tabhair cao dho: gan duaidhnéis. "Cia chuir amach an t-asal fiadhain saor? nó cia scaoil ceangal an asail fhiadhta?" (Iób XXXIX. 4): imtheacht do féin lé n-a phoc. "Go deimhin, a dhearbhráithre, ní clann don innilt sinne, acht don mhnaoi shaoir" (Galat. IV. 31): ná bíonn buannacht uirthi. Scéal ná tiocfair saor tríd .i. ná beir gan milleán nó cimiar ort ina thaobh. Nách saor atá lém chuid-se, nách mór an obair ná bronnfá do chuid féin: fial: tabharthach. Táim-se saor ar mo phaistín fionn ach amháin gur ólas a sláinte: sin a raibh dá páirt agam. Ní hi gcómhnaidhe thugann an gadaidhe a chosa saor leis .i. théigheann sé gan breith air. Ní tháinig sé saor in aon chor, bhí greim ró-dhaingean air: bog: réidh: gan duadh. Cúis orm ag an ndlighe gur dócha ná geóbhadh saor trithe: gan duaidhnéis: gan cúiteamh do thabhairt innte. Dá mhéid maoidheamh is bladhgair do bhíonn air ní feictear dom aon tsaothar saor aige dá bharr: cinnte. Chuaidh an capall saor thar claidhe de léim: gan a chrúb do bhualadh air. Fág snaidhm shaor air: snaidhm reatha.

saor-: *i gcfbh.* réidh, bog, neamh-dhuaibhseamhail, gan chosc, uasal, íseal i luach. Mo shaor-bheannacht leat abhaile, a dhuine chóir: beannacht mo chroidhe. Ní fhéadfaimís a mhaoidheamh fós faid atá oiread agus saighdiúir amháin gall ar thalamh na hÉireann gur saor-aicme sinn: cineadh neamh-spleádhach. Aon rud amháin atá agat, do dhóthain de, saor-aighneas: iomad mór cainnte gan pioc gnímh. Ná bí i dtinneas an scéil ná go ndéanfad-sa saor-aithris air: go n-innseadh an uile phioc de. Aon chúis cainnte níl agat-sa tugadh saor-aistear duit: cóir iomchair in aisce. An rud a thiocfadh saor-anródhach ar duine ná cuireadh sé ceisneamh air: gan puinn d'iomard ruda d'fhagháil. Tugadh saor-bhreith air as an gcúis ghránda do cuireadh ina leith: scaoileadh amach é ó lúib na dlighe. Go dtugaidh Dia saor-bhreitheamhnas ar m'anam bocht lé linn a ghuaise: go maithidh mo chortha dhom. Cé hé an tÉireannach ná bíodhfadh saor-bhriathra Eimit lé linn breith báis do bheith tugtha air: briathra uaisle, tír-ghrádhacha, neamh-eaglacha. Thug sé saor-bhuillidhe dho go raibh fuinneamh leó: buillidhe tréana. Tráth ann go mbíodh saor-bhilidhe na dúthaighe seo in úr-thosach an chómhraic di: uaisle budh ghaiscidhigh catha. Thug sé a shaor-bhriathar uaidh ná déanfadh sé faic a thabharfadh cóngamh d'aon taobh aca: dá dheóin féin gan tafant ná iarraidh. Tríd shaor-bheartaibh, a Thighearna, tabhair dúinn glóire na síorraidheachta: gníomhartha uaisle. Dia saor-bheartach go bhféachaidh orainn: Dia a ghníos nidhthe fóghanta dá chlainn. Dá bhfaghainn saor-chead chuige agus ocras féin do bheith orm ní bhlaisfinn é, tá col chómh mór san agam leis: cead iomlán. Duine seadh é go bhfuil coimhtheas éigin ag baint leis, ní bhfaghainn óm chroidhe saor-choidreamh do dhéanamh leis: caradas cómhluadair. Níor bh'aon tsaor-chonnradh a rinne Sasana linne san mbliadhain 1920 ní rabhamair toilteanach: lé n-ár ndeóintibh a deineadh é. Chuirfeadh sé iongadh ort an saor-chroidhe atá aige, níor eitigh sé neach riamh ach go bhféadfadh sé é: croidhe mór, flaitheamhail. Choidhche ní bheadh súil lé cúiteamh aige as aon mhaith a dhéanfadh sé ar dhuine, aon bhail a néas sé is go saor-chroidheach: lé lán-toil is le cion ar an mbeart féin. Tháinig sé saor-chostaiseach go maith ort mar ar chosain sé ach púnt ort: níor dhíolais puinn as dréir a luach. Ar mbeith críochnuighthe den saothar so agam tá sé dhá thaidhbhreamh dom saor-chuaird na hÉireann do dhéanamh lé hais farraige: a tímcheall iomlán do thabhairt isteach. Ar an saor-chrot atá uirthi bheadh cion ag éinne uirthi: an crot uasal, taithneamhach. Thug sé saor-chunntas ina imtheachtaibh an lá san agus níor tugadh aon mhilleán do: cunntas is scéala cruinn gan gó. Ná bí-se ag fagháil locht ar do mhargadh in ao'chor, tá sé saor-cheannuighthe go maith agat: ceannuighthe ar luach íseal. Ní fuláir dom agus ní misde liom a rádh ná go rabhthas go saor-cheannsa liom faid bhíos i ngabhann aca, níor locadh faic orm: go cneasta ceannúireach. Dá mbeadh tástáil agat ort féin bheadh a fhios agat nárbh aon tsaor-cheist in ao'chor ceapadh ar cad budh chóir do dhéanamh sa chruadhchás úd: aon rud saoráideach lé réidhteach. Má tá a bheatha caithte go saor-cheannach ag éinne tá aige, ní dubhairt neach riamh leis "dein" nó "ná déin so ná súd": a thoil féin aige. Maidean chiúin earraigh gan puth ná scamall san aer bhí saor-chlos agam ar ghlór na n-eiteallán ag gluaiseacht ina scuaine os chionn an bhaile: clos glan gan bac air. Is aige ná fuil an droch-shaoghal mar a bhfuil sé saor-chleachtadh ar aonnidh is mian leis: cead a thola féin chun a rogha rud do dhéanamh leis féin. Tar éis bheith ag gabháil den gcarraig ar feadh tamaill mhaith bhí sí saor-chorruightheach aca: b'fhéidir bogadh do bhaint aiste. Cuireann sé suim thar barr i dtairng saor-dhreacha ban: araidhe is éagcosc áluinn. Is ró-bhaoghalach ó óráid Rósaibheilt nách buan a bheidh saor-dháil Éireann sa chogadh so .i. go ndéanfaidh a ionnradh orainn: ar an suaimhneas a bhí againn. Tháinig duine éigin nách feas agus rinne

sé saor-dhearbhadh ar ar thuit amach .i. tháinig gan neach ghá iarraidh air. Mo thuairm ná fanfá i bhfad san bhith anachair úd, go mbeifeá saor-dhóthanach de in aon mhí amháin: go mbeadh do sháith de agat gan buaidhreamh ó aon treó eile ach uaidh. Labhair! pé rud atá ar maoith agat, gheóbhaidh sé saor-éisteacht annso .i. gan neach do threasughadh ort. Moch, déidheannach, luath, mall, bíonn sé is bheadh sé ag ríomh a shaor-éachta dar leis féin: na bearta gníomhacha a rinne sé. Ar an uile chuma táid saor-ealadhanta, aon rud ní théigheann díobh: léighean-chliste: sar-chuimhnteach. Aon fhaillighe níor tugadh i bhfaire ná i gcoimeád air, ach ina dhiadh san is uile rinne sé saor-éalódh i gcorp-lár an lae ghléigil ghil: éalódh gan breith airís air. Ag tuiteam isteach ins na bliadhantaibh brathaim go bhfuil mo shaoghal nách mór saor-éaluighthe uaim: imthighthe ar nós an bhitheamhnaigh gan faic fágtha aige agam. Saor-éan seadh thu, cá bhfuil do cheangal ná do chosc: duine ná cuirtear teóra leis. Lé leacsteámar (= lag i dtámar?) agus éagconntacht ní fhéachfadh sí ar saor-earraidhe .i. a bheadh ar luach íseal. An dúthaigh tuillte lé saor-earraidhibh seadh bhíodh. Mo lámh duit leis go raibh saor-fhéachaint ar an mbádh fhairsing is ar an mbóchna siar siar faid rithfeadh do radharc: amharc ná raibh aon rud ag teacht idir me agus é. Mo ghoirm do lámh shaor-fhairsing, b'eól dom ná dearmhadfá me gan roinnt liom: árd-fhlaitheamhail. Lé cruadhtan an tsaoghail dob éigean do gach saor-fhlaith gluaiseacht ar ionnarbhádh: flaith uasal. Déanfad saor-fhaoisdin ar mo chorthaibh anois gan faic do chlutharughadh: go lán-toilteanach. B'ait liom éinne a bheadh ag saor-fhulang fhuachta fé dhroch-bhalcaisidhibh is éadach maith dá mhalairt aige: fulang lé toil. Is í an fhadhb má néann ceann des na cómhachtaibh cómhraic ionnradh ar Éirinn agus go n-ionnsaighidh dúthaigh eile ise, an chun ár saor-ghabhála é?: fuascailt agus saoirse. Cé cheapann go mbeinn ag saor-ghabháil easmailte is easonóra ó neach gan a chúiteamh air? Ó, mo náire thu, bheith ag saor-gheallamhaint (-ghealladh) mara is spéise is gan fonn chomhaill ort: gan teóra ar bith leis an méid a thabharfadh uaidh ar a bhéal. A Mháire, mo shlán chughat pé áit n-a bhfuilir, mar is me a thug saor-ghean duit: gean gan teóra. Níor ghábhadh ach amharc air nuair chidhfí dhuit ar a shaor-ghnúis go bhfuil mianach ceart, maith ann: an dreach uasal. Tabhair an phurgóid seo saor-ghluaiseacht duit, mara dtugaidh, mo thruagh thu: fuascailt iomlán cliabhlaigh. Fuair sé dathad saor-iarracht ar é do bheith aige, léan air, theip gach uair aca air: cao gan treasughadh. Dá bhfaghadh sé saor-innsint ar a raibh ar eólas aige, chuirfeadh sé malairt crota ar an scéal: an aithris budh mhian leis. D'fhóbair do gan saor-imtheacht do bheith air, go mbeadh cimiar lé n-a shaoghal air: go bhfágfadh gan iarsma. Tagann an méid seo dá shaoghal saor-iomardamhail go maith air, is beag dá chuid alluis feiscighthe aige: gan puinn duaidh. Bheadh saor-iontaoibh agam as, tar éis an tsaoghail níl aon rud déanta a chaithfeadh amhras air: chuirfinn mo mhuinghin go léir as. Bímís ag ól lé saor-intinn, ní beag dúinn buaidhreamh nuair bheidh a chúis againn: gan smúit gan do-chroidheacht. Gheóbhair saor-labhairt uainne, aon rud atá ar t'aigne agat, scaoil amach chughainn: cead iomlán chun cainnte. Buaileadh fé ghlas is ghéibh é de chionn a shaor-labhartha, níor oir a ghlór don lucht ceannais: gan aon cheilt do bheith ar a mhachtnamh aige. Pioc deallraimh níl anois lé fiacha stuic, ní rabhadar riamh chómh saor-lag: íochtarach i luach. Níor mhór dom do bheith níos saor-lámhaighe ná táim chun faille d'fhagháil air sin do dhéanamh, níl eaga sosa agam faoi láthair: gan bheith chómh cúramach. Ní mór gur gábhadh dhuit a thuilleadh do dhéanamh, tá sé saor-léirighthe ó thalamh agat: mínighthe go sár-mhaith. Tabhair do shaor-mheas anois ar an sealbhas ar fad agus innis dúinn cad is fiú é: meas gan chlaon. D'iarraidh saor-mhuinnteardhas do dhéanamh liom ar a dhícheall d'fhonn rud

do bheith dhá bhárr aige: d'iarraidh aithne cheart do chur orm agus mo chómhluadar do chleachtadh. Bíonn gach éinne gur mian leis é saor-mhuinnteardha ag muinntir an tighe seo: bítear lághach, báidheamhail leo. Ar mh'anam-sa féin go bhfuil luach do choda airgid fachta agat ar imtheachtaibh an lae, fuairis ar saor-mhargadh ar cheannuighis: gan puinn d'íoc as. Saor-mháighistir air féin seadh é, cé d'fhéadfadh "haf san" do rádh leis: gan cómhacht gan cosc air. Is aoibhinn duit is saor-shuaimhneasach atá an saoghal ag breith ort: gan mairg ar bith. D'aindeóin a raibh de chúis aige orm is ar dheineas air chun a chlipighthe is a ghortuighthe. Shaor-mhaith sé mo bhearta dhom: d'fhuascail go hiomlán ó mhilleán me. Chuirfeadh sé iongadh ort na saor-mháma airgid a bhíodh dhá chaitheamh aige: crobhanna móra, troma go laimhthighiseach. Dia go dtugaidh saor-mhaitheamhnachas dár n-anam an lá déidheannach: go nglanaidh sinn go hiomlán. Ar a shaor-mheanmain d'éirigh ina sheasamh agus dhearbhuigh ar mhuir is ghréin go gcaithfeadh a raibh ina sheilbh go nochtfadh sé an fhírinne: spirid iongtach gan eagla. Mo ghairm do lámh, is í a scríobhas go saor-mhear, is uirthi is gearr an mhoill páipéar do bhreacadh: go luath, neamh-dhocht. Nách dóigh leat gur shaor-mheasais an tigh ar an airgid a airmhighis? mo thuairm gur fiú breis é: gur bhuailis luach leis ná fuil i ngiorracht dá luach. Sin í an tsaor-mheisce a bhí air sin, is beag dá chuid féin do chaith sé ar ól: fagháil a choda dighe in aisce. Ar a shaor-mhóid do dhearbhuigh sé an ráidhteas san: as féin: gan spriogadh, gríosadh ná tafant. Chuir sé a shaor-neart ar fad liom: thug sé a raibh de chabhair ina chumas dom. Fuair seisean saor-oileamhaint ón lá do rugadh é, agus níor scoil leis é: múineadh ceart i mbéasaibh is in oideachas. Ní shaor-oireann an eochair i bpoll an ghlais, tá sí docht lé casadh: ní féidir í d'ionnramháil go bog. Tá saor-oideachas lé fagháil in Éirinn anois ag an óige: in aisce nách mór. Mara mbeadh an deoch do theacht ina saor-rabharta ar an airgtheach úd is fada go bhfeicfí a rian air: breis di in aisce. An té a bhíos saor-rabairneach fé n-a chuid tiocfaidh an lá air go mbeidh ceal air is gur beag ar mhórán é: boigéiseach, ró-fhial. Lán a chroidhe d'aithreachas do bhí air ina dhiadh san gur imthigh scéal gan bhunadhas mar é ina shaor-ráfla air: gan chuimhneamh go raibh sé ró-bhéal-scaoilteach. Ní maith liom is ní maith iad leis daoine go mbíonn teanga shaor-ráidhteach aca: luaithbhéalach: teanga gan srian aca. Ó ráinig sínsir an tighe as baile bhí saor-rangcás ag an ndream óg: cead gan chosc gleódh is aoibhneas do dhéanamh dóibh féin. De shaor-shliocht na nGearaltach dob eadh an Tighearna Eadbhárd: aicme uasal. Dhein sé lé n-a shaor-thoil an t-airgead do thabhairt uaidh, bheadh sé ina sheilbh choidhche gan fhios d'éinne: gan a luighead éigin ná tafant. Is beag duine go bhfuil saor-tharrac ar thobac anois aige de chionn an mhír-ranna: gur féidir leis é d'fhagháil mar theastóchadh uaidh. Ná bíodh aon phioc dá mhearbhall ort ná go bhfuairis saor-theastas uaidh, a leithéid de mholadh: móradh gan chiorrbhadh. A chladhaire, beidh saor-thaisteal go hifreann lá éigin agat .i. árdóchaidh an diabhal leis thu go háthasamhail. Thugadar saor-thaithneamh dá chéile, ná scarfadh an saoghal mór iad: cion an-mhór. Ní fuláir dúinn do bheith saor-umhal do Dhia: géillsine do thabhairt do ar gach cao, cuma is tráth. Siúd é an tigh ina bhfagadh duine an saor-úramh ann, biadh is deoch siar síos: déanamh galánta.

saoradh: *f.* (*-rtha*) fuascailt ó ghuais, ó dhamaint, réidhteach, sábháil, tárrtháil, scaoileadh, faoiseamh, coigilt, glanadh ó chúis; cosaint. Dia ghár saoradh de ló is d'oidhche ní fheadramair cá hathchomair an namhaid dúinn: d'ár gcosaint ar an gconntabhairt. Dia ghar saoradh ar an ndiabhal .i. ghár gcosaint ar a chathuighthibh.

Beidh obair aca – cabhair ró-lag – an bád mór trom úd do shaoradh as an uisce .i. do bhreith i dtír agus do sháthadh ón uisce. Táim ar mo dhícheall d'iarraidh an bháid do shaoradh, ach tá ag dul díom tá an fharraige ró-mhaith dhi: d'iarraidh í d'ionnramháil i slighe ná tógfaidh sí uisce ar a bórd. Ar mo dhícheall dom ag saoradh mo chos ón dteine: ghá gcosaint nó ghá dtarrac siar. Maith ar bith níl agat bheith ghod shaoradh féin, táir chómh cionntach leis an gcuid eile: an milleán do chur díot nó gan a leigeant ort. Ná admhófa gur dheinis é gan chúis gan adhbhar is gan bheith ghod shaoradh féin gur cuireadh ort ar dtúis .i. beith d'iarraidh a chur in iúil go raibh fáth agat. Pleidhce de hata mhór tuighe ar mo cheann ghom shaoradh ar theas na gréine: cosaint: ghá coimeád uaim. Ag saoradh na héadála ós na búillidhibh in aimsir na gcreach marbhuigheadh fear annso atá curtha fén leacht san: d'iarraidh iad d'fhuascailt. Aimsir bhreágh thirim chun saortha móna í seo: sábhála. Mo shaoradh ort .i. is agat atá m'fhuascailt, mo chosaint, mo shábháil. Ag saoradh i gcóir an lae chruaidh: ag coigilt, ag cur thart airgid nó foillse lé haghaidh broide. Shíneas mo lámh chun an phláta do shaoradh ó thuiteam: gan leigeant do tuiteam.

saoráid: *b.2.* fuascailt, suaimhneas buaidhrimh, líomhthacht, éascaidheacht, fusacht. Tá saoráid ag feirmeóiridhibh anois chun saothair a gcuid talmhan ar mbeith de chéachtaidhibh is fearas inneallta seachas an rann .i. ní chuireann sé an oiread duaidh ortha. Bheadh saoráid agat suidhe i dtosach na trucallach in ionad suidhe ina deireadh, níl sé chómh suaidhte: thiocfadh sé níos neamh-dhuaibhseamhla ort. Ní mór an tsaoráid dom-sa mo chlann do bheith tógtha agam, is iad an aicme dhíomhaoin, dhrochghnóthach iad: fuascailt ar chruadh-obair. "Cad n-a thaobh gabháil treasna na ngort ag pasáilt féir?" – "an tsaoráid": an cómhgar chun ná beadh an oiread duaidh air. Saoráid thar bárr d'iascairidhibh seadh an caladh nuadh san do dhéanamh dóibh: bail a bhéarfaidh breis suaimhnis cuirp dóibh. Dá fhaid m'aithne air ní fheaca riamh é, an rud leasc, ach ag dul ar an saoráid: ag gabháil leis an slighe is fusa más féidir. Saoráid mhór oibre seadh gléas maith: cóngamh a fhusóchadh an stros. Dá mbeadh mullach an mháma san sroichte againn bheimís ar an saoráid: ar an gcomhthrom .i. an fhánaidh síos ar an dtaobh eile. Tóg an tsaoráid, ná bac thart iad féin ná a gcuid achrainn, dá fhaid a fhanfair uaithi seadh is fearrde thu: an bealach is réidhighe. Duine ró-dhian air féin nár thóg aon tsaoráid riamh dho féin: suaimhneas: aon rud a thabharfadh faoiseamh do ar dhuadh. Saoráid mhór dom coimeád ar an mbóthar réidh 'ná dul treasna an chnuic: rud a tháinig níos suaimhneasaighe orm. Ní tháinig mo bheatha ina saoráid in ao'chor orm, shileas allus ag saothrughadh a bhfuil agam. An saoráid leat teacht im fhochair: an rud é ná cuireann as an slighe dhuit. Fág saoráid agat féin, fan ar an suidheachán seascair: suaimhneas cuirp. Tá an saoghal ag dul chun saoráide orainn, buidheach 'o Dhia seachas mar bhíodh .i. is fusa dhúinn maireachtaint anois .i. níl an oiread duaidh orainn. Mara mbeadh an tsaoráid do bheith aige – dá mbeadh sé chómh bocht, dealbh lé daoinibh eile – ní bheadh leath an oiread cainnte aige: feabhas saoghail. Ar an saoráid chainnte atá aige ní fuláir nó tá tabhairt suas maith air: líomhthacht úrlabhra. Theastuigh uaim saoráid na marcaidheachta do bheith agam seachas siubhal: an suaimhneas a leanfadh í. Níor thug aon tsaoráid do féin riamh, bhí a rian air, bhí ina sheanduine go hóg do: cao suaimhnis.

saoráideach: *a.* bog, neamh-shaothrach, neamh-dhuaibhseamhail, réidh, éascaidh, líomhtha, so-shaothair. Tagann a shaoghal saoráideach air má thagann ar éinne, ní

bheireann duadh ná fliuchán air: gan duadh: go bog: gach aon rud ar a thoil chuige gan puinn mearbhaill. An té gur dóigh leis gur obair shaoráideach bheith suidhte i rith an lae mar seo gan de dhuadh air ach bheith ag scríobh tástáladh sé é: a thagas go bog, réidh. Budh shaoráidighe dhómh-sa go mór mór mo bhéal d'éisteacht is gan sibh do bhac tharm 'ná mo cheann do chur eadraibh: is fearr do bheadh an scéal sa deireadh agam. Nidh nách iongadh, is saoráidighe do thagann do bheart anois ort 'ná nuair thosnuighis: is réidhe. "Níl aon rud is saoráidighe a thagann ar dhuine 'ná cainnt" ars an té go raibh mórán cómhairle dhá fhagháil aige is beagán cabhartha. Níl tobac saoráideach in ao'chor anois, b'fhéidir go siubhalfá tamall maith uaireannta gan scine d'fhagháil: furaiste. Dá mhéid a scríobhaim ó ló go ló ní thagann sé saoráideach fós orm: éascaidh: réidh gan duadh. Is neamh-shaoráidighe dhuit go mór is go fada bheith ag rámhaidheacht id sheasamh ná id shuidhe: is neamhfhusa. Aon lá ná taithnigheann mo chóngamh leat abair liom é, is neamh-shaoráidighe dhómh-sa bheith leat ná scur .i. is mó ded dhuadh ná ded bharr agam. Is saoráidighe leis an sruth 'ná ina coinnibh: is lugha strus. Céaca is saoráidighe leat?: is áile leat do dhéanamh.

saoráidighe: *b.4.* (**saoráideacht, saoráidigheacht**) aiste bheith saoráideach, gan duadh gan buaidhreamh do bheith ag baint lé, éascaidheacht gníomharthachta. Is mór a bheadh buaidhte agam lé saoráidighe a dhéanta dá mbeadh ciall agam is gan dul i leith droch-úirlisidhe: fusacht: luigheadughadh duaidh. A shaoráidighe is thagann gach aon rud air, tá Dia aige, tá buaidh aige, tá rud éigin aige ach is mór an scamall é!: a neamhthuise. Tagann gach tionnscal air chómh réidh sin nách mór gur féidir a thabhairt fé ndeara. Is fiú go mór an talamh ar an mbaile chéadna, cad deirir lé n-a shaoráidighe: a fhusacht a oibriughadh. Tabhair saoráidighe dhuit féin, leig do dhuine eile uanaidheacht do dhéanamh ort: suaimhneas.

saoraim: *b.a.* sábhálaim, fuasclaim, tárrthálaim, cumhduighim, réidhtighim, slánuighim, bheirim saor. A Dhia, saor me ar dhamaint síorraidhe: cosain me: cumhduigh me: coimeád ón mbaoghal san me. Go saortar sinn! nách é an t-uathbhás saoghail chun cogaidh é: go dtéighimíd gan bascadh. Saortar mórán aimsire i mbaint na mbarraidhe lé hinneall seachas corrán: coisctear an gábhadh a bhíos leis. Saor do mhaide as an uisce: tóg é: ná fág fé ghreim é. Mara saorair do chosa uaim bhrisfead iad: iad do thógaint as an slighe. B'é a lá a bhí istigh dréir cosamhlachta, ní shaorfadh aon rud é: ní chosnóchadh faic ar an gconntabhairt é. Bíonn do chárta ar an mbórd, eagla ort go mbuailfear é, is deirir, "ní shaorfadh faic anois é" .i. buailfear é, cinnte. Ní shaorfaidís an bád .i. í do chur aníos ón uisce: ní choiscfidís an fhuireann ar a mbáthadh. Go saoraidh Dia sinn! a bhfuil d'airgead aige: deirtear san lé hiongtas. Ná saor-se in ao'chor é, is é rud atá tuillte ag an bhfeile-bhleaigeárd príosún do thabhairt do: ná cosain ar mhilleán é. Chuadhas isteach i siopa chun é do sheachaint, ach níor shaor san me (air), lean sé isteach me: níor thug sé na cosa dhom. An saorann an geimhreadh an bheart don Rúis in aghaidh na Gearmáine?: an gcosnann í ar thubaist atá os a cionn dréir chosamhlachta. Saor díom an charraig, tá sí ghom bhascadh: bog díom: fuascail. "Ná leig sinn i gcathaidhibh ach saor sinn ón uile olc": cosain sinn ortha: coimeád uatha sinn. Táir ró-chaithteach, ní shaorfá aon leathphingne choidhche: ní chuirfeá i dtaisce. Cuir i leathtaoibh é sin an turus so, ní mór ar fad an cúram agat do saoradh i gcóir uaire éigin eile é: cuir i dtaisce é: coimeád gan baint leis é. Bhuail an dochtúir ar an sráid liom, shaor san dom gan cuaird do thabhairt air

gen-a thigh: chuir díom an gábhadh a bhí leis. Ní shaorfadh sé ón gcroich is a chómhacht do bheith aige: ní choingbheóchadh ó chrochadh thu. Níor shaor sé cainnt orm, má fuair duine riamh béal fuaireas é: leig sé ina sruth orm í. Saoradh gach éinne é féin: gach éinne dho féin gan bac lé héinne eile. Dá saoradh sé ó bhás thu ar mh'anam ná fuil pinginn im spaga a thabharfainn duit, agus is oth liom san (treise aithmhéala): aon rian níl agam. Toisc na droich-theiste do bheith air ní shaorfadh aon rud é nuair goidtear aonnidh: ní ghlanfadh ó mhilleán.

saorthóir: *f.3.* duine a fhuasclas, a chosnuigheas ar díth, a shábhálas. Níl aon tsaorthóir is fearr 'ná an ghrian .i. gan í ní féidir barraidhe do shábháil. Siad iad saorthóiridhe na luinge báidhte: an dream a thug slán sábhálta an fhuireann nó cuid di. Chuir sé cruite fé n-a bhrógaibh mar shaorthóir ón dtalamh: chun na mbróg do chosaint ar chaitheamh. Nuair bhí an póitire breóidhte tar éis oidhche dighe budh mhaith an saorthóir do gloine bheathuisce: rud a dhein feabhas do. Saorthóiridhe na dúthaighe na feirmeóiridhe i gcaitheamh na cionntapachta so: is iad amháin gur féidir leó gorta do chongbháil ós na daoinibh. Saoradh é ós na gárdaidhibh: baineadh dá gcoimeád é: fuascladh.

saortha: *a.r.* sábhálta, taiscighthe, curtha i gcrích, fuascaltha, briste (chun curadóireachta), curtha ar láimh shábhálta. Ní raibh ach mo chosa saortha díreach ón roth agam nuair a treascradh me: tógtha as an slighe. Ní héinne amháin ná beirt atá saortha ó theach na mbocht aige trí chabhair do thabhairt dóibh: iad coimeádta ó dhul isteach ann. Dathad uair atá an leanbh aimhleasta san saortha ar bhúrdáil agam: é cosanta. Talamh é sin fé choirce atá saortha, is cuimhin liom-sa é do bheith ina thalamh báidhte: briste: tugtha chun curadóireachta. Airgead saortha aige sin, leis na bliadhantaibh é ag obair is gan puinn caithteachais ann: curtha chun coimeádta. Ní déarfainn go mbeadh an bád saortha ina ceart go mbeadh sí i bhfad ó bharra taoide: curtha ó chonntabhairt. Ar éigean a bhí an t-ancaire saortha ó thóin puill againn nuair bhris an slabhra: bogtha aníos. I gcionn seachtmhaine beidh na barraidhe go léir saortha má fhanann na laetheanta mar seo: sábhálta: ó bhaoghal.

saoth: *f.3.* duadh, strus, iomard, tinneas, duabhais. Ag cur saotha ort féin ataoi bheith ag déanamh an oiread guil: buaidhreamh. Mo shaoth ar mo chroidhe thu, gur chailleas thu: buaidhreamh trom. Cheap gach éinne gur bh'é an plúr nuadh a chuir an saoth goile úd ar na daoinibh a bhí coitcheann anuiridh: galar. "Mo thraochadh is mo shaoth lém ló thu/ a Chiarraidhidh id chian-luighe i gcómhrainn/ mo chreach t'fheart tar lear i bhFlóndras/ a Mhuiris Mhic an Ridire ó Flórens": mo dhiachair comhnaidhtheach. Beireann saoth an domhain ar chapall amháin ag treabhadh leis féin: duadh an-mhór. Saoth éigin ar siubhal ag an lucht achrannach san i gcómhnaidhe: buadhairt: dul tré chéile.

saothar: *f.1.* duadh, duabhais anáile, cneadach, obair, sclábhaidheacht; an méid oibre a deintear in am áirighthe nó ar rud áirighthe; iomartas. "Táim-se cortha is ní mholtar mo shaothar, is tar éis mo dhíchill ní bhítear buidheach díom: an méid a bhíos déanta agam. Is iongtach an saothar atá déanta agat (leamhas): fíor-bheagán (dá mbeadh duine ag maoidheamh nó lé duine go mbeadh muinghin aige as féin). Rinnis árd-shaothar is teacht suas leis ar fhaid do bhí sé uait is an fuadar siubhail a bhí fé: beart an-mhaith maidir lé luas. Sin é mo shaothar anois tar éis an lae – aon bhreac amháin: mo sheilg: an méid gur

bh'fhéidir liom breith air. "Do shaothar nára chúitightear leat", a amadáin, ag tabhairt cabhartha don gcladhaire sin nár thug cabhair d'éinne riamh: rádh coitcheann é seo a deirtear lé sean-bhlas. Go gcúitighidh Dia do shaothar leat: luaidheacht na bearta atá déanta agat go bhfaghair ó Dhia. Lé duine go mbíonn greitheal mór air deirtear, "níl leath a shaothair ar éinne" .i. fústar an domhain eile. Budh dhiail an saothar don luingeas aoir a shúncáil dhá luing chogaidh chómh maith is bhí san domhan in am ghrod: beart nó gníomh éachtach. Rudaidhe a thigheas d'intleacht an duine – intinn na mban, saothar na mbeach, teacht is imtheacht an (na) taoide: an tslighe iongtach do chuirid mil lé chéile. As shaothar mo ghéag féin do thógas an tigh sin: iomartas: obair is dícheallacht. "Tá árd-shaothar déanta riamh agat" – "sin é an saothar in aisce": duadh is obair ná fuairtheas faic dá bharr. Cá bhfuil do shaothar tar éis na bliadhna? ólta agat!: toradh do chod oibre. Ó Dhaingean aníos anois níl aon fhear saothair eile ann ach é: fear mór oibre. Mise an té atá i gcúram is i saothar na háite seo: ina bhun .i. is orm atá a mhuirearaighe. Saothar beatha dhuine seadh an tionnscal so d'fhonn é do dhéanamh mar budh cheart. An bhfuil aon tsaothar agat?: aon toradh de bharr cuardaigh nó oibre. Dhéanfadh trian an tsaothair thu: an fuadar is an fústar chun ruda do dhéanamh. Tá luach saothair agat tar éis do thurasa, is maith mór an bradán é sin agat: oiread is chuiteóchaidh an duadh a chuiris ort féin. Cé déarfaidh nár deineadh saothar trom ar an mbaile cuain gur trí fichid milliún púnt chun a dhaingnighthe: mór-chuid oibre gur lean duadh, airgead is muirearaighe í. Is sibh an lucht saothair ar bhur mbéal: daoine gur dhóigh leat ortha go mbeadh na huirc is na hairc déanta aca. Ní déarfainn go bhfuil sé ar fóghnamh, tagann saothar air i gcoinnibh an aoird: luas is duadh anáile. "Táir i ndeireadh na feide lé saothar": duabhais anála is grod-bhualadh croidhe. Táir ró-atuighthe is furaiste saothar do chur ort: an anál do tharrac go duaibhseamhail, luath, grod. Bí ina dhiaidh ar saothar más mian leat breith air: go luath, láidir, tapaidh. Ó thosnuigheamair táimid ar saothar gan sos taite: ag obair ar lán an bhata. Déin saothar éigin ar airgead d'fhagháil don atúrnae nó cuirfidh sé an dlighe ort: iarracht go mbeadh ádhbhar éigin dá barr. "Bí fém bhrághaid ar an am sprioctha agus an nidh atá uaim agat" – "bead ag saothar air": ag obair ina chóir. Níl aon bhlúire aráin agam, déin saothar éigin, faigh ar chuma éigin fagháltas beag nó mór dom. Dheinis saothar maith ar an bhfeóil: d'ithis cuid mhaith di nó soláthruighis í trí dhuadh nó eile. Leig don saothar, is fearr a bheidh sé ar bhreith fada air: don bhfústar. Ó tá an lá chómh maith déanfaidh an tseisreach saothar: cuid mhór d'obair thairbhigh. Tá a gclann go léir chun saothair chun oibre: ábalta ar dhéanamh dóibh féin. Bímís (téighimís) chun saothair: i bhfeighil ar dtionnscail. Molann an saothar an fear: aithnightear an duine ar a ghníomh oibre. Is mór an lucht saothair muinntir an tighe seo amuigh ní théigheann aon lag ortha: an dream chun oibre go mbíonn toradh uirthi. D'árduigh Dia chuige féin é i lár a shaothair: um an dtaca go raibh sé ag obair go dícheallach. Fuadar chun an bhídh is saothar chun an óir. "...do chonnairc Dia mo leathtrom, agus saothar mo lámh, agus tug aithfear duitse airéir" (Gen. XXXI. 42): obair ghéag. "Agus thug sé a mbiseach don ndreolán teasbuidh agus a saothar don lócuist" (Sailm LXXVIII. 46): toradh a gcuid oibre. "Ag méadughadh do shíor in obair an Tighearna, ar mbeith a fhios agaibh nách díomhaoin bhur saothar sa Tighearna" (1. Cor. XV. 58): an nidh atá ar siubhal agaibh go cúram dúthrachtach. Dheineas saothar fir agus ní beag liom san: cion fir: oiread is dhéanfadh éinne. De shaothar a reatha tháinig sé suas leis an madra: de reacht: lé neart. Níl súd réidh fós, ach tá sé fé shaothar againn: táimíd ag gabháil de. As a shaothar ar son a dhúthaighe do deineadh uachtarán de: as ucht obair mhaith, thábhachtach do dhéanamh. An mheitheal

gabhtha chun saothair ar an móin: chun a bainte, a leathta etc. Tá deireadh a chuid saothair déanta .i. tá sé ró-aosta nó tá tar éis bháis. Obair gan saothar a bhíonn ar siubhal aige, ní luighfidh sí air: gan duadh. Lá lé saothar againn dob eadh é, do bhí gach mac máthar againn ar a chroidhe díchill: obair dár ndalladh. Téigheann san thar mo shaothar-sa, éirighim as: beart ná fuil ionam a dhéanamh seadh í. Imthigheadh an saothar díot, suidh: an deabhadh mór. Scéal mór fada an saothar atá ar siubhal anois: an obair phinn. I dtúis ár saothair dúinn nuair scuireadh go hobann sinn: i dtosnughadh oibre. Ná bí ag cur saothair ort féin, bog, breágh: ná bí ag déanamh an iomad.

saothrach: *a.* dúthrachtach, dícheallach, duaibhseamhail, tionnscalach; luath-análach, gnóthach, cúramach. Garsún ró-óg is obair ró-shaothrach do, ní raibh ann í do sheasamh: duaibhseamhail: an iomad iomaird ag baint léi. Tá sé coiscighthe orainn obair shaothrach do dhéanamh ar an saoire: obair go mbíonn duadh ag baint léi. Is deacair locht d'fhagháil ar fhear shaothrach mar é, ní mór den aimsir do leigeann tharais gan a lámh i rud éigin: duine dúthrachtach, dícheallach. Bím chómh saothrach le meach (beach) lé linn aimsir bídh, ag freastal ar a mbíonn chun lóin sa phrionnteach: an-ghnóthach. Daoine saothracha, cnuaisciúnacha seadh na Franncaigh: claoidhte lé hobair, agus taisceamhail. Chuir sé dhe ar nós sionnaigh saothraigh .i. mada ruadh go mbeifí go dian ar a thóir. Chuir de an mám amach is siubhal sionnaigh saothraigh fé: teann deabhaidh: oiread is beadh ar shionnach a bheadh dhá chluicheadh. Obair chómh saothrach agus is féidir d'fhagháil rámhaidheacht: deacair, duaibhseamhail do dhéanamh. Mórán ann gur dóigh leó gur neamh-shaothrach an rud peann i láimh duine i rith an lae mar tá agam-sa ag tuargaint leis seo: saoráideach. Lá an-neamh-shaothrach atá curtha isteach indiu agam, ní fiú biorán a bhfuil déanta agam: gan puinn críochnuighthe.

saothrach: *f.1.* duine dúthrachtach chun oibre. Saothrach moch, déidheannach, ná tugann faillighe ina ghnóth, ag luighe leis an éan is ag éirghe leis an uan: duine go maith chun an tsaoghail. Is ró-mhinic nách mó 'ná buidheach do bítear don saothrach, dá gcuireadh sé an cnoc úd thall ar an gcnoc so abhfus ná sáiseóchadh sé daoine áirighthe: an té a bhíos ar a chroidhe díchill. Phós sí saothrach mara, b'fhearr léi ná saothrach cré: iascaire in ionad feirmeóra.

saothraidhe: *f.4.* sclábhaidhe, curadóir, soláthraidhe, oibridhe dúthrachtach. Saothraidhthe maithe ar muir is ar tír iad súd: daoine a bheireas seilg ón muir is a bhaineas toradh as an dtalamh. Fág fé siúd gach rud do chur i gcrích go maith is go cóir, saothraidhe ceart seadh é: oibridhe ná fágann a ghnóth ar bóiléagar. Beag an gábhadh ag an saothraidhe lé súil an tsaoiste .i. déineann a chuid go neamh-leisceamhail, críochnamhail.

saothraidheacht: *b.3.* sclábhaidheacht; mór-obair, dúthracht gnímh oibre. Ní gan saothraidheacht a dhein sé an oiread san is a luighead aimsire a bhí aige chuige: dian-luighe léi. Ní hé an méid aimsire a chaitheann sé ag obair ach an tsaothraidheacht ar fad atá ar a láimh: an tslacht agus an t-imshníomh chun a bheith i gceart. Sin peictiúir go bhfuil moladh mór fachta aige ar an saothraidheacht atá déanta air: an dúthracht agus an tinneas a fuairtheas do d'fhonn do bheith ar fheabhas agus slachtmhaire.

saothras: *f.1.* acfuinn, cumas, éifeacht. Dá ndeineadh sé an saothras ceart ar an rud a síneadh amach do ní brisfí é: é do dhéanamh go héifeachtach. Briseadh an máighistir as an scoil trí neamh-shaothras, tugadh a thuairisc air ná raibh ábalta ar chuid des na hadhbharaibh léighinn do mhúineadh ina gceart: ceal an eólais riachtanaigh.

saothrughadh: *f.* (*-uighthe*) oibriughadh, feidhmiughadh, ullamhughadh, léiriughadh, curadóireacht, tuilleamh; obair, curadóireacht, treabhadh is grafadh, tiargabháil, cleachtadh. Ní lé ceal dúthrachta ná fuil an saoghal ag éirghe leis, éinne a dheineas an oiread saothruighthe agus néann: oiread san dá aimsir, dá dhúthracht is dá chuid alluis do thabhairt. Is ait é an duine, an duadh is an buaidhreamh go léir go ngaibheann sé thríd ag saothrughadh an aráin: ag tuilleamh a shlighe bheatha. Ars an té a bhí ag dul chun teampaill Dé, "táim ag dul ag saothrughadh m'anama": ag déanamh aithrighe, leór-ghnímh is paidreóireachta i gcóir na beatha síorraidhe. Nuair ná bímíd ag saothrughadh bímíd ag caitheamh agus is ró-fhíor san: ag bailiughadh nó ag cnuasach. Léan ar an gceann cipín cuireadh tamall ag saothrughadh an léighinn é, dá mbeadh maith ná crích ann tairngeóchadh sé slighe bheatha éigin as: ag gabháil de: ag foghluim. I gcóir na gcath a chuirfidh críoch ar an gcogadh uathbhásach, áidhbhéil seo tá na tíortha cómhraic ag saothrughadh de ló 'gus d'oidhche: iad ag obair ag déanamh cóirighthe is ullamhuighthe ar dalladh. "An ag iascach ataoi ag dul go bhfuil na daraithe sin dhá socrughadh agat?" – "ag saothrughadh chuige": ag tiargabháil, ag ullamhughadh gach aon rud a theastuigheas. Caithfear breis shaothruighthe do dhéanamh ar an dtalamh ambliadhna chun an chomhthruim do chongbháil ar an nganntanas: a bhriseadh, a chur fé bharraidhibh is iad san do leasughadh, d'fhreastal, do bhaint is do chur chun críche. Gach aon chómhartha anois air go bhfuil sé ag saothrughadh an bháis: ar thuilleamh báis: go bhfuil íodhanna an bháis air. An té a shaothruigheas an t-olc tuitfidh leis an olc: an té a chleachtas droichbhearta claoidhfear leó lá éigin iad. "Connus tá do gharsún ar scoil?" – "ag saothrughadh leis cuibheasach maith": ag obair go dian is ag éirghe leis. Ag saothrughadh phrátaidhe atáid sin: ag cur aithchré leis na gasaibh. Sin talamh atá imthighthe ina screathain le fada cheal saothruighthe do dhéanamh air: a briseadh is barraidhe do chur ann. Fuair sé a chnapáil, an bleaigeárd toghtha, agus é sin féin a ainm, mar is fada ghá shaothrughadh é: ghá thuilleamh: ag déanamh rud nár chosamhail a bhéarfadh cion do. Ní ag saothrughadh cáile ataoi ag déanamh gníomhartha ná taithnigheann lé daoinibh: ag déanamh aon ruda a bhéarfadh ort í. An féidir aon tsaothrughadh do dhéanamh ar na leirgidhibh seo go bhfuil cathanna in aghaidh an lae ionta: cur ná baint. Dhá phúnt atá agam tar éis saothruighthe mo shaoghail: ar bhaineas is ar thaisceas. Gan aon lag ach ag saothrughadh ar a chuid leabhar: ag gabháil díobh, ag foghluim asta etc. go cómhnaidhtheach, dúthrachtach. Tar éis mo shaothruighthe Tigh na mBocht, mo chuid scaipighthe gem chlainn lé n-a scléip: mo thuilleamh is mo chur lé chéile. Aon chor ní néann amach ná in aon áit ach ag saothrughadh a chuid ceacht gach oidhche ar an dteinteán: ag gabháil díobh chun a gcurtha chun críche: ghá bhfoghluim. Budh mhór agus budh thábhachtacht an saothrughadh don dtaoiseach na púirt do bhaint amach: éacht go raibh duadh agus callóid ag baint leis. Bóthar fada anacair, chaitheas an mhaidean ghá shaothrughadh aniar óm thigh go dtí so: ag cur an turasa dhíom ar mo dhícheall.

saothruighim: *b.a.* oibrighim, cuirim, leasuighim is bainim, cuirim chun críche, cleachtaim, gnóthuighim, soláthruighim, tuillim, téighim chun a dhuaidh. Feirmeóir go

bhfuil mianach chun na cré ann, is olc an talamh ná saothróchadh sé: ná cuirfeadh is go mbainfeadh toradh as. Ní shaothróchadh sé garrdha gan bac lé feirm: ní dhéanfadh curadóireacht uirthi. Is iomdha áit gur shaothruigh an bhean bhocht, dhealbh as lé n-a paca chun a clainne: gur shólathruigh go callóideach: go raibh ag bailiughadh bídh is ní go bog é. Saothruigh an cheárd atá agat anois mar dheinis riamh roimhe seo, ná athruigh: cleacht í: lean di. Saothruigh ar do leabharthaibh, ná bac an rann ná an tsluasad má thógair cómhairle amadáin: gaibh (luigh) leó, agus bain eólas chun do leasa ortha. Pé rud a shaothróchair nó ná saothróchair saothruigh t'anam: oibrigh ar son a bheith saor i láthair Dé. Is cuma dhuit ó táir ag déanamh ar fheabhas, saothruigh leat an cómhluadar atá agat anois: cleacht a bheith ina gcoimhdeacht. "An nidh ar shon ar shaothruigh sé aiseóchaidh sé é, agus ní shloigfidh sé síos é etc." (Iób XX. 18): gur oibrigh sé chun a ghnóthuighthe. Saothruigheann sé a phádh lae go cruaidh: oibrigheann ar a shon. Oibrigheann sé go han-dhian ach nílim deimhnightheach go saothruigheann sé an oiread airgid as a chuid duaidh: go gcruinnigheann. Shaothróchadh sé lé cruinneas mar a bhfaghadh na céadta bás: mhairfeadh sé is bheadh rud aige. Pé taobh, adhmuigheann na heólgaisigh, a shaothróchadh breis na n-eiteallán is na harmála fé bhliadhain eile is é a bhuaidhfidh: a dhéanfaidh nó go mbeidh aige de bharr a shaothair. Fuair sé oiread is nár shaothruigh sé, an ag cnáimhseán atá sé?: nár thuill sé nó nár bh'fhiú é. Ní loirgeóchad aon rud ná saothróchad as a ndéanfad: an méid is fiú me atá uaim, faic eile. Saothróchair nuair bheidh sé déidheannach agat: tabharfair iarracht ar rud éigin torthamhail do dhéanamh duit féin. "Atáid ar muinéil fé inghreim; saothruighimíd is ní fhaghaimíd suaimhneas ar bith" (Triabhuin V. 5): bímíd ag tarrac go dian leis an saoghal. Saothruighim cuid mhór airgid ar thalamh: bainim as é de bharr mo chod' oibre. Ní mór is féidir lé mnaoi bhoicht do shaothrughadh fé bhuin: an t-ím do bhainfeadh dá bleacht. Is beag an iongadh nár rith leis an gcladhaire garsúna san agam, ceacht amháin ní shaothruigheann ar an dtaobh amuigh d'fhallaidhibh na scoile .i. ní chuireann i gcrích. Cár shaothruighis do an oiread san?: a fuairis trí dhuadh do chur ort féin. Is iomdha pinginn do shaothruigh sé lé n-a dhá ghéig: a thuill sé go duaibhseamhail is do chuir lé n-a chéile. Fear is fearr 'ná é níor shaothruigh cion a dhaoine: thuill go maith.

saothruighthe: *a.r.* curtha, bainte, cnuasuighthe, tugtha chun críche, déanta fé ghuais nó fé dhuadh; leasughadh is cré curtha in athuair ar bharra. "Tá sé saothruighthe aniar agat", arsa fear liom nuair bhí turus maith fada déanta agam: triallta. Na barraidhe go léir saothruighthe anois againn, bíodh an chuid eile fé Dhia: leasughadh is aire fachta aca. Bheadh cruinn-eólas agat ar do cheachtaibh dá bhfantá istigh airéir agus iad do bheith saothruighthe agat: foghlumtha: críoch curtha ortha. Is dod ghéagaibh ná raibh an truagh agat, is iomdha pinginn saothruighthe riamh aca: tuillte trí mhín is gharbh. An uile léas den bhfóghmhar saothruighthe againn anois: tugtha chun críche: bailighthe. Seadh, más bás gránda obann féin atá fachta aige tá ainm saothruighthe aige do féin: buaidhte lé n-a ghníomh. Níor bhaineamair in ao'chor fós lé cruithneacht shaothruighthe na bliadhna anuiridh: a bailigheadh isteach. Lá gearra riabhach, deiridh bliadhna is rí-bheag a bheadh saothruighthe um thráthnóna agat is gan aon fhuacht d'fhágaint ar do ghéagaibh: déanta lé strus cuirp.

saothruightheach: *a.* dícheallach, dúthrachtach, iomartach, tionnscalach. Ar bheith ag obair níos saothruighthighe féin ní dóigh liom go mbeadh puinn breise déanta agam: ar

bhreis dem dhícheall do dhéanamh. Buachaillidhe maithe deagh-oibreacha iad uile go léir ach mo thuairm láidir gurb é Liam an té is saothruighthighe aca: is mó a ghníos is a chuireas duadh air féin chun bearta. An té a bhíos macánta saothruightheach bíonn meas ag gach duine air: aireach, dúthrachtach, coingheallach i dtaobh a ghnótha. Ní seachtmhain ró-shaothruightheach ar fad atá curtha sa chipín agam, is baoghal liom: go bhfuil puinn dá duadh fachta agam. Tá toirmiscighthe orainn obair shaothruightheach do dhéanamh ar an saoire ach lé riachtanas: obair sclábhaidhe fostuighthe nó a leithéid sin. Má bheadh sé in aon áit, fé chloich nó fé charraig bheadh sé aige siúd mar is é atá go saothruightheach chuige: dícheallach, guileamhail.

saothruightheóir: *f.3.* oibridhe, sclábhaidhe, soláthróir, curadóir. A mháighistir de shaothruightheóir ráinne ní bhfaghfá i gCúige Mumhan is is mór an focal san: fear a dhéanfadh branar léi. Féach ar a iothlainn, cuirfidh san in iúil duit gur saothruightheóir ceart é: fear a chaitheas aimsir is aire lé curadóireacht. Níl ceal ar a dhrom ná ar a ghoile, saothruightheóir slachtmhar: oibridhe a bhíos ag soláthar i gcóir an lae chruaidh. Saothruightheóir maith a dhéanfadh idir a trí 'sa ceathair de phúntaibh sa tseachtmhain ar sclábhaidheacht: oibridhe dúthrachtach.

saothrún: (**saotrún**) *f.1.* leóithne caoin, bog, breágh, te. Tá aimsir aoibhinn ar an saothrún atá ó mhaidean ann: gaoth éadtrom andeas is aniar, boladh cumhra uaithi. Saothrún ón bhfarraige: leóithne caoin, cneasta.

sár: *a.* bárr-chéimeach, uachtarach, ar fheabhas. Fear sár ar gach slighe é agus is minic teasbánta aige é: go hiongtach: ar fheabhas. Cainnt ní budh sháire ar shaothrughadh talmhan in aimsir shuaidhte gannchair mar í seo: budh chiallmhaire. San tsean-aimsir a bhíodh an fíos sár lé n-ól is é ag teacht go flúirseach thar lear: fíon iongtach, bríoghmhar. Is é sár na bhfear é: fear ar gach cuma. Is aca súd, lucht an airgid do bhíodh sár na dighe: an chuid dob fhearr is budh bhríoghmhaire dhi. "An té go mbíonn gach sár aige", ars an duine dealbh, "is deacair do bás d'fhagháil": togha gach nidh maith. Sár gach searbhais mo bhochtnacht do chasadh liom: an searbhas budh ghonta. Is aige, is níor chás do mhaoidheamh as, do bhí sár an mhargaidh indiu: an earra nó an t-ainmhidhe dob fhearr. Sár na talmhan an mart, sár na mara an longa: an fheóil agus an t-iasc is fearr. I gcómhnaidhe agus fós tuigtear dom gurb í Máire sár na mban: plúr. Mhaireadar lé linn na sár a chuir go minic in iúil ar fhód an chatha an mianach a bhí ionta: rogha na bhfear.

sár-: *i gcfbh.* an chuid is mó, go hiongtach, ar fheabhas, iomlán, oirdhearc, thar barr, dearscnach, an-, rí-, ró-bhreágh, etc. Budh dhóigh lé duine go mbeadh sé ar buile chun bruighne ar an mbagairt atá air, níor mhór duit sár-aithne do bheith agat air, ag seódh bhíonn sé: aithne an-mhaith ar fad. D'aithneófá ar na rudaidhibh go gcuireann an tuata san suim ionta go bhfuil sár-aigne aige: aigne árd, uasal. Ainmhidhe chómh maith is cuireadh cheithre cosa fé é sin, sár-asal seadh é: togha asail. Nách é an sár-amadán é go mbíonn an saoghal mór ag bualadh bob air is a dteanga ina leath-bhéal aca fé: feille-amadán. Ní raibh aon rud ag teacht ina choinnibh chun é do thógaint ins na gárdaidhibh ach ná raibh sé sár-árd: san aoirde riachtanaigh. Dá olcas do mheasamair an gluaisteán do bheith do rinne sí sár-aistear: turus sásamhach gan mí-sheól. Déanfad sár-aithris anois duit ar ar thárlaidh, gan aon lúb ar lár gur féidir liom: cruinn, iomlán. Budh chóir go

mbeifeá sásta ina measc súd, ná fuilir i sár-árus: i dtigh go bhfuil an uile rud ar fheabhas, is croidhe mór fial aca. B'é siúd an sár-athair dá mhnaoi is dá chlainn is é nár fhág easbhaidh ná tart ortha is a thug an oileamhaint dóibh: athair thar barr. Is fearr an saor síor-bhuailteach ná an saor sár-bhuailteach .i. a bhuaileas ró-chruaidh. Seimeann sé go sár-bhinn, chuirfeadh a chuid ceóil do chosa ag corruighe chun rinnce: go rí-bhinn: binn, ceólmhar. Sár-bhaile do dhuine iasachta é, ní leigtear éinne fé ocras ná fé thart as: baile fial, fáilteach, fairsing. Maoidhid go bhfuil sár-bhuillidhe tugtha don namhaid aca i gcathaibh cealgacha: buillidhe troma, dochaiseacha. Mo shár-bheannacht do, mhuis, gan a chuid teallaireachta do leigeant lé haon dailtín: beannacht óm chroidhe amach. Is beag rud is sár-bhríoghmhaire chun a shláinte d'fhilleadh ar dhuine 'ná an aimsir bhreágh: is fearr amach 'samach. Mara mbeadh gur rug an tsár-bhroid orm-sa is me do thiocfadh chun do thárrthála: broid ná féadfainn teacht uaithi. Is againne, muinntir na hÉireann, agus againne amháin atá sár-bhuannacht ar an ndúthaigh do riar dréir ár dtola féin: buannacht ós chionn aon dreama eile. Dá mbeitheá ag éisteacht lé n-a shár-bhriathraibh súd chuirfeadh go soiléir gach ponnc dall duit: briathra fuaimeantamhla, éifeachtamhla. Dréir gach cosamhlachta tá fonn ar ár bhfeirmeóiridhibh sár-bhranar do dhéanamh ambliadhna in aghaidh easbhaidh: mór-chuid deargtha is curadóireachta. Shiubhalfá seal maith sara mbuailfeadh éinne leat is sár-bhéasaighe 'ná é, bíonn sé mín, cneasta: deagh-mhúinte ar fad. Fuair Sasana sár-chóngamh ó Mhearaice go dtí so maidir lé harmáil is iasacht: cabhair iongtach. Dochtúir sár-chneasta ina aire ar dhaoinibh fé n-a láimh: in ionnramháil agus i gconbharsáid bíonn sé mín, faidtheadhlach. Caithfear a admháil go raibh sár-chómhacht ar an bhfarraige ag Sasana, mara mbeadh go raibh is fadó bheadh a tón anáirde ar a bhfuil d'athraighibh caillte aice: go raibh neart na gile gréine aice. Ní hionmhaoidhte dho cóngamh do thabhairt do bhochtaibh, is aige atá an sár-chumas air: gustal mór aige chuige. I gcómhnáird lé n-a dhreatháirachaibh a bhíos ag caitheamh 'sag scaipeadh a gcoda tá sár-chiall aige, coimeádann sé greim daingean ar a phingnidhibh: fuaimeant is éifeacht leis. Gach piléar dár caitheadh shroicheadar a dtriall go sár-chruinn .i. níor theip ceann aca ar an marc. Ar an slighe bhíonn sé ag cainnt ar mhacántacht is ar dhíreacht budh dhóigh lé duine gur shár-chríostaidhe é: críostaidhe rí-mhaith. Níl baoghal ar bith ná go bhfuilir i sár-chómhluadar anois (leamhas): daoine coimhdeachta atá thar barr. Tar éis bheith ag bailiughadh lé fada mór anois tá sár-chnuasach sean-fhocal déanta aige: cnuasach iomlán, fóirleathanadamhail. Anallóid do bhíodh mo mhuinntir nuair bhíodar ina bhflaithibh i sár-cheannas an taoibh thoir theas: cómhacht is réim iomlán aca ann. Is fíor go bhfuil sár-chuimhne agam ar ar thuit amach an tráth san, mar bhí baint dhlúith agam le himtheachtaibh na ndaoine a bhí i dtreis: soiléir, iomlán. Bíonn sár-chóir is sár-cheart ges na daoinibh chuige é do bhualadh is a bhualadh go maith mar ná féadann an dailtín féin leigeant d'éinne: cóir is ceart ar fad. Ní buailfí i gceann éinne a leithéid do dhéanamh i gcruadh-chás mar é ach duine sár-chuimhnteach: ná fuil teacht anuas ar na bearta a rithfeadh ina cheann. A Dhia, mo shúil leat go mbead ábalta ar shár-chunntas do thabhairt im bheatha nuair sheasuighim id láthair: cruinn, aithrigheach, leór-ghníomhach. An truaghnairt bhocht, sár-chréatúir seadh é dá mbeadh an rud aige: duine go bhfuil croidhe mór aige. Na sár-chreachaillidhe atá fén bhfear: géaga iongtacha. Dá mbeadh sé aige amach ó n-a chneas thabharfadh uaidh é, duine sár-charthanach mar é: dhealbhóchadh sé é féin ar son maitheasa. Mara bhfuil sár-chóir éadaigh anois ort ó bhonn bathas ní lá fós é: gabhtha go maith. Tá sár-dhóchas aca asta féin go mbuaidhfid dá mhéid an chácáil atá dhá fhagháil aca: dóchas iomlán. Cuirfear sár-dheabhadh ag

imtheacht ort mara bhfágair lé suaimhneas: teann deabhaidh. Sár-dhaingnigheadh maislidhe na cathaorach san ar chuma ná bogfaidh choidhche: go láidir is go fuaimeantamhail. Dá mbeadh leath-cheann nó mí-sheól ort sin é an fear sár-dhúthrachtach chun teacht chun do chónganta: dílis, fonnmhar chun na maitheasa. Bheadh sé sár-dheacair orm teacht suas leis an suim airgid sin, níl ar mo chumas ach a dhá thrian: chuirfeadh duadh mór orm. Bí sár-dhíreach is beifear sár-dhíreach leat: fíor-mhacánta. Cé déarfadh ná raibh sár-dheallramh ortha lé buadhachtaint – neart, lúth is óige – agus féach mar theipeadar: cuma is clódh an-mhaith. Is é tháinig leis a bheith sár-dhearbhtha go mbuaidhfeadh sé pic is dá dhruim sin gan an aire cheart do thabhairt do féin: an iomad muinghine do bheith aige as féin. Focal de ní sceinnfeadh uaidh, mar nách scailfhéitheanaidhe é, mara mbeadh é bheith sár-dheimhnightheach gur bhfíor é. I gcás tábhachtach mar seo bheinn sár-dhearbhtha, dá mbudh me thu, d'aon eólas a bheadh agam sara n-osclainn mo bhéal air: gan a luighead amhrais ina thaobh do bheith orm. Lé sár-dhearbhacht an fhir níor leig sé as a amharc me ar eagla go raghainn amugha air nó go n-élóchainn uaidh: aiste aigne ná geóbhadh lé hamhras. I ngach ball is máille dhe tá sé sár-dhéanta, féach a ghuailne is a ghéaga: déanta go slachtmhar gan aon locht. Ní fheadar, is deacair a rádh cad dhéanfaidh sé, níl sár-dhóigh ag an ndochtúir as: níl sé ró-láidir ina aigne go dtéarnóchaidh sé. Áit sár-dhóigheamhail bídh an áit go bhfuilimíd ag triall air anois, níor leigeadh neach in aistear riamh as: cosamhlacht láidir go mbainfear an t-ocras dínn. Bhuail sár-dhochar is sár-dhonas in aonfheacht é, nuair marbhuigheadh a mhuinntir go léir ach é féin, is nuair léir-scriosadh a chuid: tháinig iomart is tubaist an tsaoghail eile air. Nuair bhí a bholg ar a chúinne lé biadh aige shín tharais is bhain sár-ghreas codlata as go ceann chúig uaire an chluig: seal trom, sámh. Budh dhual don gcapall san ráiseanna do bhuadhachtaint, tá an sár-dhúthchas innte ó n-a máthair: mianach iongtach reatha. B'fhéidir gurb ort féin atá an bhodhaire, is aige siúd, a mhic mo chroidhe, atá an tsár-éisteacht, chómh maith lé heascúin: clos thar barr. Cé gur b'aindeis iad úirlisidhe is fearas an dreama a thóg an droichead san céad bliadhain ó shoin, féach air, is é atá tógtha lé sár-éifeacht: fuaimeant is feabhas saoirseachta. A thruagh ná fuilim sár-ealadhanta ar an sean-Ghaedhilg, d'aithriseóchainn na scéalta aoibhine atá innti i nGaedhilg an lae seo: eólas cliste, beacht do bheith agam uirthi. Beag moill a choimeádfaidh súd ort nuair atá scéala maith agat chuige, is é bheidh ort go sár-éascaidh: go mear féicheamhanta. Is baoghalach lé fadughadh an chogaidh seo go mbeidh sár-easnamh mórchoda earraidhe orainn: easnamh a bhraithfeam go dochraideach. Bíonn sár-éifeacht lé gach rud a thagas as a bhéal cá ngeóbhadh an fhoghluim, an ghéarchúis is an taithighe: ciallmhaireacht agus mór-thuigsint. Aon rud a bhíos gann deacair d'fhagháil bíonn sár-éileamh air: bítear ar a thóir go mór. Deineadh sár-éagcóir air, má 'sé sin é, duine sa turus do scaoileadh chuige is gan scata in aonfheacht: éagcóir neamhfhearamhail. Duine sár-éirightheach seadh é, níl aon rud go gcuireann a lámh ann ná go mbíonn an rath air: mór-áidh. Éistidh go léir anois lé fear an tsár-eólais: an té, dar leis, go bhfuil fios iomlán aige ar aon rud go dtagarófí dho. Ólaimís sláinte gach sár-fhir do shuidhfeadh i dtigh an tábhairne lé hintinn ag ól: fir ar leithrigh leó féin maidir lé croidhe mór is deagh-ghníomh. Is agam-sa díreach duit atá an sár-fhios ar an ndíolamhnach san agus ar a bheartaibh, mar is orm is mó do luigheadar: fios ná fuil ag neach eile. Táim féachta, sár-fhéachta ag an ndochtúir agus an diabhal pioc do gheibheann sé bun os chionn liom: scrúduighthe go cruinn, beacht. Is maith a chlos go bhfuil sár-fheabhas ag dul air, an diabhal me nár mhaith liom faic sa tsaoghal do bheith air: feabhas na cruinne. Im sheasamh anáirde ar bharr an chnuic dom fuaireas sár-

fhéachaint ar an bhfarraige siar: mór, fairsing. Bhí a shár-fhios agam ó thúis go raibh an chré bhuidhe ann mar bhí sé tómhaiste go maith agam agus mar sin bhíos ar m'aire féin air: ní raibh pioc dá mhearbhall orm. Cá bhfuil an call leis an achrann mar gheall ar an mbiadh is sár-fhlúirse dhe os bhur gcómhair: dóthain gach éinne is fuighleach. Cainnt ag teacht uaidh go sár-fhlúirseach, gan aon iomard ná dochar ar an dteangain aige: go líomhtha: ina sruth. B'é sás a mhínighthe dhúinn é, duine sár-fheasach: eólas mór air ar mhórán rud. Sár-fhile: file thar barr. Thug sé sár-fhreagra nuair dubhairt go n-imthigheann a dtiocfaidh is a dtáinig is ná himthigheann tír .i. go dtiocfadh lá fós go mbeadh malairt crota uirthi d'aindeóin a chuir atá tugtha ges na namhaid uirthi is a cóimhleacaidhthe. Muna mbeadh an sár-ghábhadh a bhí agam leis is fada go gcuirfinn me féin fé chomaoin aige dul ag lorg air: an oiread san gábhaidh ná raibh aon dul suas eile agam. Cad as go bhfuair sé an t-airgead ar fad go bhfuil sé chómh sár-ghabhtha, a leithéid d'éadach ní fheaca ar dhuine bocht im shaoghal beatha: gléasta ar fheabhas in éadach daor. Seachanaimís sinn féin ar an gcogadh, dréir gach cosamhlachta tá sé sár-gheairrid dúinn: buailte linn. D'fhéachas uaim siar go himshníomhach is budh shár-gheairrid go bhfeaca chugham ar ghualainn an chnuic amhailt ghránda is arrachtach: ró-ghairrid: gan mhoill. San bhfóghmhar do bhíonn an sár-ghreithileán ar an bhfeirmeóir ag saothrughadh na mbarraidhe: an deabhadh is an fuirse. Sin é an droichmhianach, is é a bhuailfeadh thu go sár-ghrod gan luid cúise: as mhaoil an bháidhe: go mear, tapaidh. Tá sé chómh sár-ghalánta san lé déidheannaighe gur mór má bheadh aon tsíos ná suas aige leat: breis mheasa tagtha aige air féin gur dóigh leis go bhfuil uaisleacht ag baint leis ná fuil le n-a thuilleadh. Is deacair dom é d'ól lé n-a shár-ghéire: mór-ghéire: breis is bheith géar. Lé sár-ghéire shealbhuigheadar gach ionad comhthromamhail ar fuaid an domhain: gliocas mór. Ní mór go bhfeaca a phearsa ná a cholaid ag puinn riamh nách sár-ghroidhe an fear é: i bhfad níos mó i scrothaidheacht 'ná an choitchiantacht. Beidh sár-ghreadadh ar chártaidhibh againn anocht: imirt go mbeadh mórán airgid nó eile thíos mar dhuais. Fuair an sionnach sár-ghreadadh ón gconairt, ní raibh ach a rádh go dtug sé na cosa leis: cluichreadh go maith é. Ar feadh na hoidhche níor staonadh de rinnce, do bhí sár-ghreadadh ar fad aca: bualadh iongtach cos. Bíonn sár-ghreann againn ag áiteamh ar a chéile i dtaobh an chogaidh: seódh is sult thar barr. Cuireann sé sár-ghreann orm bheith it fhochair: suairceas thar barr. Coimeád sár-ghreim anois ar an dtéid nó má leigir uait í, beidh thiar orainn: greim ceart, docht. Cuireann sé an chainnt de go maith, toisc na sár-ghotha atá aige: guth (cinn) thar barr. Dá mbeadh do shár-inchinn-se agam-sa do bheinn saidhbhir lém shaoghal: inchinn go bhfuil intleacht innte. Sár-intleacht dob eadh cuimhneamh an chéad lá riamh ar ghléas a sheólfadh ar nós an éin tríd an spéir: feart iongtach chun machtnaimh is rud do bheartughadh is do dhéanamh. Má theip féin air an bealach do shnámh, do thug sé sár-iarracht fé: iarracht gur éirigh léi nách mór. Gach nduine aca dá ndeárna an éagcóir, ní mór a bhí dá rath ortha ní dheaghaidh sár-íde ar neach aca .i. d'imthigh an dimileaghadh ortha uile. Is é an té úd a chaith a shaoghal ina measc go bhfuil an tsár-innsint aige ar a n-imtheachtaibh: an trácht ceart, iomlán. Is baoghalach go mbeidh deireadh againn lé sár-íle ná droich-íle .i. aon tsaghas in ao'chor. Ní mór do bhradán mhór, láidir sár-iascach d'fhagháil: é d'iascach gan locht. Mhol na páipéir go léir é, rinne sé sár-imirt: imirt a thuill moladh. Léan air féin is ar a shaothair, cad tá uaidh? an amhlaidh gur dóigh leis ná fuil sé sár-íoctha as an mbeagán atá déanta aige: íoctha ina cheart. Fuair sé sár-iomchar ar ghuailnibh fear má fuair neach riamh: tugadh go hurramach 'on roilig é. Is iomdha san rud a chuireann sár-iongadh ar dhuine i

dtír iasachta: iongadh thar barr. Sin mar thárlaidh dhom uaidh, cliseadh orm, tar éis sár-iontaoibh do bheith agam as: go hiomlán: gan a rian eagla go dteipfeadh sé orm. Beidh sár-lá againn ar an mbainis: lá suilt is subháilcis. Mhairfinn ag éisteacht lé n-a shár-labharthaibh: cainnteanna binne, bríoghmhara. Tá an té seo sár-lag gan tuilleadh uisce do chur innte: lag a dóthain. An bhfuil sár-laghdughadh ag dul ar an sín fós?: go mór. Mara mbeadh an sár-láimhsiughadh a fuair an t-arbhar is an aimsir neamh-oireamhnach a bhí ann bheadh easbhaidh orainn: ionnramháil mhaith. Féachtar ar an bpeictiúir sin, nách bhfuil sár-lámh ag an té a bhreac é?: lámh thar barr chun dathadóireachta. Ná scaoil a thuilleadh dighe im árus-sa, tá sé sár-lán, ar a bhfuil de thart orm: lán go leór. Seo chughainn an sár-laoch: fear go bhfuil meas mór againn air de bharr a fheabhasa. Bíodh sé buidheach den sár-léighe atá agam leis is nár sciobas an ceann as an muineál ag an mbarránach: an mór-leagadh atá agam leis. Má tá sí ag éinne tá sí aige – sár-leadhb chun muinnteardhais: teanga bhreágh, mhilis, phlámásach. Thug an bheirt thuinncéiridhe sár-leadhbadh dá chéile, ghoirtigheadar is bhascadar a chéile ó thalamh: ní raibh bualadh lasmuigh dhe. Mhuise an duine gan chrích, téigheann an sár-leaghadh ar an uile rud a bhíos aige: imthigheann soir siar. Cuireann sé sár-léan ar a mháthair é do bheith ag caitheamh a shaoghail lé scléip i ndearmhad a ghnótha: brón mór is mairg. An diabhal féin, féach, ní bhainfeadh an tsár-leisce atá ceangailte isteach ina chrathachaibh san amach asta: leisce thar barr. B'é tuairm na n-iascairidhe dob fhearr ná raibh an bád sár-leathan ar a béal dá faid: leathan a dóthain. Lé sár-lúth a chos níor ghaibh neach amach riamh air i gcúrsa reatha: lúth thar lúth. Sár-leasóchad-sa an plaosc agat-sa mara dtugair aire dhod chúram féin agus gan mise do bhac thart: bualadh ná dearmhadfair go ró-luath. "An bhfuilim luath mo dhóthain chun an phuist?" – "go sár-luath": flúirse aimsire agat. Sin cruite atá go sár-leigthe: déanta go líomhtha. Sár-léirigheadh do gur misdide a fháilte 'on tigh baint éigin a bhí ag a shínsear lé díoghbháil a deineadh dá sínsear san: cuir in iúil go soiléir do é. An sár-leathad atá ina ghuailnibh: leathad ná féadfadh duine gan a shuimiughadh. Ó, an diabhal me ná go rithfidh leis dá dheacra dho é, tá sár-leithscéal aige: ceann a raghadh síos go maith. An tsár-líogarnach bháistighe atá ann anoir dtuaidh bhainfeadh sí an croiceann de chat: clagairt gan sos. An sár-lúbaire agus an meas atá ges na cómharsannaibh air go gcúblálfadh sé a gcuid airgid ortha: cladhaire thar chladhairidhibh. Cuirfead-sa an uile fhocal ina shár-luighe ortha san sara mbead réidh leó: go n-éisteóchaid is go dtuigfid cad tá ar m'aigne. Seadh, tá sé imthighthe anois is b'é an sár-mhac dá mhuinntir é, ag obair 'sag gnóth dhóibh, 'sag tarrac chúcha: an mac fíor-mhaith. Sara ndéinir aon rud innis dom an bhfuil sár-mhachtnamh déanta agat ar an slighe is ceart cur chuige: machtnamh iomlán, doimhin. Sár-mhadra, beireann sé ainmhidhthe chun guirt is abhaile gan neach ina fhochair: madra cliste. Beidh sár-mhargadh ann Dé Sathairn dréir na bpáipéar: beidh luach maith ar an seift. Déanfaidh sé go sár-mhaith fós nuair chruaidhfidh sé, mol an óige: níos fearr 'ná mar tá dóchas as. Déanfaidh codladh na hoidhche sár-mhaitheas do tar éis callóide na seachtmhaine: maitheas thar barr. Chuir a mheisneach is a ghníomh sár-mheas ges na daoinibh uile air: suim agus urraim. Tá na fiacha so ort anois leis na ciantaibh, is sár-mhithid iad do dhíol: budh cheart iad do bheith glan amach fadó riamh. Ná bíodh aon ghreithileán ort anois, tá sé sár-mhoch is gan puinn aistir rómhainn: i moch na maidne. An sár-mholadh atá fachta aige cuirfidh sé meidhréis air agus is fusa teacht uaidh annsan: moladh thar mar bhíonn tuillte. Ná cuir a thuilleadh méid air, tá sé sár-mhór: chómh mór agus theastuigheann. "Fan go dtagann an t-earrach", adeirtear ón nGearmáin agus beidh sár-mhotháilt ag ár namhaid ar ár neart-ne: braithfid é

níos géire ná thaithneóchaidh leó. Cad deirir leis an sár-mhúineadh atá fachta ar an dteinteán aige, an iongadh é do bheith béasach, lághach: múineadh ar fheabhas. Anois ó dheineadar cleamhnas táid sár-mhuinnteardha: gan aon easaontas ná droch-aigne eatartha. Dá bhfeictheá a ghabhthacht agus bhí sí, chuirfeadh a sár-néatacht módhmhaire croidhe ort: a thaithneamhacht is bhí sí gléasta. Aon rud go gcuimhneófá air tá sé sár-oilte air, tá árd-cheann air: múinte, léigheanta ar a lia rud. Beidh sár-oidhche anocht aca tar éis an chluiche do bhuadhachtaint: oidhche lé caitheamh aimsire is siamsa. Ná bíodh sé ag fagháil aon lochta ar an gculaith, éadach maith atá innte is tá sí sár-oireamhnach do: luigheann sí go cóir is go ceart ar a ghéagaibh. Sár-oireann an bheirt dá chéile, rian deabhaidh ná imsnímh ní bheidh ar dhuine aca seachas an duine eile: táid ag gabháil lé chéile chómh maith agus b'fhéidir do bheith. Smacht do chur air atá ag sár-oireamhaint dó-san: atá tuillte aige agus is cuibhe do thabhairt do. Neach ní labharfadh leis lé n-a shár-olcas: é do bheith bun os cionn ar fad in aigne na ndaoine. Deirtear gurb é sár-ollamh an domhain uile ar an adhbhar san é: an té is aoirde: is dearscnaighe. Fuair sé sár-ordughadh an tigh do bheith bainte amach aige fé thuiteam oidhche nó gan filleadh go deó airís: órdughadh dian, láidir. Gheóbhfaí mórán airgid ar an gcapall ráis sin anois, tá sé ar sár-órdughadh: aiste iongtach chun reatha is i sláinte. Cneadach agus sár-osnaidhe do bhain an droichscéal as an bhfear mbocht: osnaidhe móra, troma, fada. Mo shár-osna sa chré thu, a Mhairín bhuidhe, bhuidhe: osna dian-chráidhte. Molann gach éinne an tigh céadna, dréir deallraimh tá sár-ósta lé fagháil ann: biadh, freastal is leapachas ar fheabhas. I dtaobh a shár-pháirte i bhfuascladh a thíre tógadh an leacht san i gcuimhne air: an roinnt mhór, thábhachtach do rinne sé. Maran b'é an sár-phastaire agam é agus é bheith de chroiceann air gach re seadh do thabhairt do dhuine ná féadfadh sé a bhróga ghlanadh dho: duine go bhfuil teann droichbhéas is drochmhúineadh ann. A fheara, nár bh'í an tsár-phiast í má thaidhbhsigh dhá fhaid an bháid innte: arrachtach péiste. Leis an sár-phreab fir atá ann riamh ní túisce chuala sé iomard ar a chómharsain 'ná siúd chuige é chun a chónganta: spirid chun maitheasa do dhéanamh. Ar an sár-phléascarnaigh a bhí siar fén bhfarraige airéir go hárd san oidhche ní fuláir nó bhí catha mara ar siubhal ann: cnagairt uathbhásach. An raghaidh aon fheabhas choidhche air, ar shár-phóit gan scur gan stad: ar na stárthaibh meisce. Ná stad me, ná féach orm, ná labhair liom, tá sár-phráidhinn orm: deabhadh is deifir is broid. An té a chaitheas a mbíonn aige lé sár-phráisc bíonn an diabhal féin ghá spriogadh: teasbhach croidhearg is scléip gan srian léi. Tar éis na cathrach do phléascadh is do phlástráil ar a dtoil ar feadh furmhóir na hoidhche ghluais na heitealláin abhaile gan cosc gan treasughadh go sár-rábach: gan tor aca ar a namhaid. Bíonn an tsár-rabairne ar a láimh nuair bhíonn an rud aige, is a rian air is rí-bheag do thaisceann sé: flaitheamhlacht is féile. Aon rud a loirgeochadh do bhéal beidh sé ann lé n-itheadh is lé n-ól, beidh sár-rabharta ann: fleadh fhial fhairsing. Budh dheacair dom iomrall aitheantais do bheith orm ina thaobh, ar an áit go rabhas bhí sár-radharc agam air, ní raibh fasc ná scáth ina thímcheall: amharc ceart, soiléir. Cuilithe an gheimhridh anois ann, bainnc na farraige ag sár-réabadh, farraige cháithte ag dul anáirde ins an aer is béiceach aice: breiseadh uathbhásach. Dia go gcuiridh an sár-rathamhnachas ort, mar is é atá tuillte uaidh is ó dhuine, is iomdha maith déanta agat: ádh is bail. An tráth bhís id shár-réim is gur mór gur bh'fhearr thu 'ná anois, ní chúlfainn troigh uait: in aoirde láin ar fad. Pinginn den airgead níor cham sé ar neach, rinne sé sár-riar ar an airgead achrannach: thug a chion is a cheart do gach neach. Ó, dheara, mhuise, a leadaidhe, is tú atá go sár-righin ag corruighe chun gluaiste: mall, leisceamhail, neamh-fhonnmhar. Fé láthair níl

aca ach gliogram cos; sa tsean-shaoghal seadh bhí na sár-rinnceóiridhe ann: dream go raibh togha an rinnce aca. Nuair chonnac an aiste a bhí air agus é ar tí a mharbhtha aca tháinig sár-ríodhg ionam is do phreabas chun a chabhartha: teadh obann nár bh'fhéidir a chosc. Ainmhidhe sár-reathach an girrfhiadh ní furaiste an bonn do bhaint uaidh .i. go bhfuil siubhal nimhe aige. Déin do shár-rith anois más mian leat gan bheith ar deireadh: an rith is fearr agat. Beidh an shár-rogha ag an sanntach úd más fé bhíonn an toghadh: an chuid is fearr go mór. Ná bac san, tá an fear láidir, is é ag breith leis, tá sár-shúil go dtéarnóchaidh sé: dóchas mór as. D'éirigh sé as ghnóth is chúram, tá sé sár-shaidhbhir: a dhóthain saidhbhris is ionmhais aige. Gan sár-shaighdiúireacht do dhéanamh, is ná bíodh a thuilleadh áitimh air, ní chuirfeadh sé an cath úd de ar bheagán cabhartha: ródhacht, clisteacht troda. Ní bhfaghann cara ná namhaid locht air, táid sár-shásta leis: an-shásta ar fad. Duine sár-shámh nách féidir iontaoibh dúiseachta do chur ann: marbhánta, neamh-anamamhail. Gluais go sár-shocair anois nó cloisfear thu is beidh an tigh trí theine: go hárd-réidh, aiclidhe, nó braithfear thu is beidh ina challán. Chuirfeadh sé an ghráin mhairbh agat air bheith ag féachaint air ghá shár-shacadh féin lé biadh, ar nós sutha muice: ag slogadh lé hairc. Toisc na sár-shamhlachta atá eatartha ní mór go n-aithneófá ó chéile iad: ar aon deallramh beagnách. Go saoraidh Dia sinn, an tsár-shainnt a bhíonn air chun gach nidh: an ghuilm thar cuimse: a leithéid gur deacair a mhachtnamh nó a thuigsint, rud ná raibh roime seo aige beidh sé anois aige. Sár-shaoghal ó thuit an méid sin airgid ar an aindeiseóir: marthain mhaith, shubháilceach. Nár shár-shaothrughadh dhi an méid sin clainne do chothughadh ar fhagháltas bhocht: árd-obair is bailiughadh: coingheall ceart. Mo thruagh gan me i ndán sár-shaothair do dhéanamh mar tá a thuilleadh bheadh breis slachta ar an iarracht so: obair fhíor-mhaith go mbeadh slacht is cóir uirthi. Is féidir liom a mhaoidheamh gur b'í mo chineadh sár-scoth Éireann: an chineadh is uaisle fuil. D'eascair sár-shliocht ón dtreibh a longuigh fútha ann, bhíodar áitrighthe mar mháirnéalaigh, mar shaighdiúiridhe is mar scoláiridhe: clann is clann clainne a bhí go hiongtach. Tá beartha anois air is tá sé sár-sháruighthe, is fada ag breith na gcos leis é: cosc iomlán curtha lé n-a dheáibreachaibh. Cé déarfadh ná go mbeadh deireadh ag dul i gconntabhairt na mara aige is a mhinicighe fuair sé sár-scannradh uaithi: scannradh anama. Is annamh a bhuail sár-scéalaidhe Gaedhlinge anois leat, táid ag imtheacht as an saoghal – iad súd a chaitheadh an oidhche ag eachtraighe: scéalaidhe go mbeadh eachtraidhthe maithe aige is innsint mhaith ortha. Is mise an sár-shás chun do shásta, tá gach aon rud agam a theastóchadh uait: duine go bhfuil sé ar a chumas go maith aige. Ná tuig ar feadh taite go gcuireann sé aon tsár-shásamh orm-sa aon rud do bheith ort-sa: aon tsásamh in ao'chor ní chuireann. Fear sár-scaoilte as a ghéagaibh é siúd, féach mar ghlanann sé an claidhe: seólta, lúthmhar. Choidhche ní fhéadfainn sáthadh i gcoinnibh na sár-scallaidhe gaoithe a bhí crústaighthe isteach san aghaidh orm: scallaidhe troma, fíochmhara. Ón lá d'fhóbair don sean-mhiúil mhalluighthe é mharbhadh lé speach tá sé sár-scáinte ó shoin aice, ní raghadh sé i ngiorracht béice dhi: scannruighthe ina bheathaidh. Aon nath leis bheith ag sár-scilligeadh, is cuma leis éitheach aige nó uaidh: ag eachtruighe rud ná bíonn is ná raibh i gceist. Ná bac san, lé cóngamh Dé beidh barraidhe maithe ambliadhna againn leis, tá sár-sciamh ag teacht ortha: cuma is foillse an-mhaith. Ní mór a fhéadfadh bheith dá chuid airgid aige is a dhícheall do dhéanamh, ní fhéadfadh sé gan é bheith sár-scoithte aige: caithte síos go dtín bpinginn dhéidheannaigh. Ná bíodh locht ná éislinn orm i nganfhios duit, a dhochtúir, sár-scrúduigh me: féach gach ball is máille dhíom. Sin sár-sheans anois ar thigh maith do cheannach, d'éinne go bhfuil

airgead aige: cao an-mhaith. Ar ór na cruinne ní chorróchainn as an ionad atá agam, táim go sár-sheascair, gan easbhaidh gan díth: an-chompórdach. Rinne sé sár-sheinnt ar an gceól, gur bhuaidh an duais go faoibín: seinnt chómh maith agus b'fhéidir do dhéanamh. Táim sár-shilte leis an ocras: ag tuiteam as mo sheasamh leis. Ar chuma anois do ná déanfaidh díoghbháil ná maitheas éinne, tá sé sár-shínte .i. sínte ná féadfaidh éirghe. Is olc an ithir ná go dtagann an sár-shíol ann: an saghas go mbíonn an mianach ceart ann. An abha 'na sár-shlaod ó uiscidhibh na gcnoc: borrtha, bolgtha lé tuile. Níl, agus ná bíodh, aon náire ina thaobh ort, sár-shloinneadh seadh í: sloinneadh go bhfuil fuil mhaith innte is go bhfuil gníomhartha maithe ina dhiaidh. Is beag tír sa domhan ná go bhfuil sár-shluaghadh dhá chur ar a cuid fear chun tiargabhála lé haghaidh cogaidh: gan éinne in aois saighdiúireacht ag éalódh uatha. Siúd an sár-smaichtín ortha a choingbheóchaidh macánta, múinte iad lé heagla roimis: an té atá ábalta ar iad do choimeád fé smacht. Ar an mian caithteach atá ann ní fios cad dhéanfadh sé lé hairgead muna mbeadh an sár-smacht atá ag an mnaoi air: smacht is cumas anadhian. Sár-smaoineadh do b'eadh a chuid airgid do chur i dtighthibh is i dtalamh, an túisce thosnuigh an cogadh d'fhonn is ná beadh gan brigh: smaoineadh go raibh fuaimeant is ciall leis. Na ceannaghtha sár-shnoighte atá aice, ní hiongadh go n-abrann na daoine gur bean áluinn í: gartha go taithneamhach. Caithfear chuige níos fearr chun a shár-spioraid siúd do chlaoidheachtaint: meisneach is fonn thar cuimse. Deir sé liom go mbaineann sár-spórt as iascaireacht le slait, thabharfadh a lá 'sa shaoghal ag gabháil de: aoibhneas thar na beartaibh. Ní gábhadh dhuit aon eagla dulta amugha do bheith anois ort, déanfad-sa sár-stiúradh ort: tú do chur ar an eólas cruinn. Budh dheacair me do dhúiseacht, bhíos im shár-shuan: codladh chómh sámh orm is d'fhéadfadh do bheith. Sid iad chughat an dream go rabhais ag feitheamh leó ar shár-shodar, níl breith an anama aca air: ag teacht go géar, láidir. It aonar chosnuighis an ball i gcoinnibh sluaigh, tá sár-sheasamh déanta agat: tréail fhíor-mhaith tugtha uait agat. B'aoibhinn an oidhche í is an lán-ré ina sár-shuidhe: éirighthe anáirde san spéir. Bainir, tugaim fé ndeara, sár-shult is challóid chách: sásamh is greann. Sár-thabhairt d'aon talamh cruithneacht is dhá bhliadhain bonn ar bonn: árd-chumas tortha. Aon áit dá ngeóbhadh sé bheadh sár-thaca aige is tusa do bheith aige: cabhair chumasach. Dá mbeadh sé in éagmais na sár-thacaidheachta a thug na cómharsain leis bheadh an cúrsa go haindeis aige: ceal na cabhrach móire. Cad é an mhaith bheith ag sár-thafant ar dhuine a leas do dhéanamh nuair is soiléir do féin go bhfuil sé ag imtheacht glan lé haer an tsaoghail: bheith ghá chomhairleach do go dian. Creidim-se an uile fhocal uaidh, tá sár-thaidhbhse ge n-a scéal: ana-dheallramh ar fad gur fíor é. Níl aon dul ar bhuadhachtaint ar an té go mbíonn an tsár-thaithighe aige: taithighe fhada chleachtach. Bhris sí a chroidhe, an duine bocht, thug sé sár-thaithneamh di is ní raibh meas spreasáin aice air: cion a anama. Is sár-thaithneamhach an ball é seo chun saoire do chaitheamh ann – scéimh thalmhan is mhara: rí-bhreágh. Dearbhuigheadh annsúd go prínseabálta gur chaith sé sár-thamall d'iarraidh é féin do réidhteach sarar éirigh leis: aimsir anafhada ar fad. Chuaidh sár-thaoiseacha an airm i gcómhairle d'fhéachaint cad é an bheart go gcinnfidís air chun na bpórt do chosaint: na hoifigigh dob aoirde. Scléipeach, rabairneach, ag sár-thaoscadh na dighe ar charaid is ar iasachta: ghá tabhairt uatha go flúirseach, fairsing. Scaoil amach an deoch fhionnfhuar san chugham, tá sár-thart orm: íota mór. Gheibheann buachaillidhe sár-theagasc i nGaedhealaing sa scoil sin is a rian ortha ar fheabhas a labhraid í: múineadh go fíor-mhaith. B'fheárrde thu gan bheith chómh sár-theann lé daoinibh go bhfuilir ar a gcur aca: díoth-umhalta: neamh-ghéilleamhail. Chúig míle díobh sár-

theanntuighthe anois gur baoghalach ná héalóchaidh neach as an líon atá curtha ortha: tímchealluighthe go docht i lúib. Dréir na bpáipéar beidh tobac is té sár-thearc as so amach, toisc nách féidir a bhreith thar lear: an-ghann, an-chaol. Sár-thearmann dom dob eadh teacht ag triall ortha in am mo ghábhtair: coimirce fhuascalthach. Chuirfeadh an teine sin sár-teas lé tóin aon chorcáin mar ar bh'é an diabhal ar fad é, dóthain teasa d'aon rud. Lé sár-theasbhach atá seisean ag cur aighnis agus troda ar pé duine go dtagann an teadh ann chuige: teasbhach gan aon teóra. Sin sár-theine anois, téidhidh thu féin léi: an-theine. I ngach tír táthar ag braithstint sár-theirce gannaidhe áirighthe: a luighead atá dhíobh lé fagháil in aghaidh an ghábhaidh atá leo. Is sár-thinneasach ataoi im thaobh go mbír chómh minic ag cur mo thuairisce (searbhas): me ag déanamh mórán buadhartha dhuit. Dréir an pháipéir indiu tá an Rúis ag tabhairt sár-thiomáinte dá namhaid ar gcúl: ghá gcúladh go mear, tapaidh. Sár-thirim atá an féar lé cur i gcocaidhibh pasálta: tirim a dhóthain. Aon uair a bhíonn aonnidh uaidh is sár-thláith liom a bhíonn sé: lághach mín ar nós an tsíoda. Tá sé ag déanamh go maith annsúd tá fearraidhe aige is sár-thrácht ortha: glaodhach mór. Neach a mhaireas ní fhéadfadh a shéanadh gur shár-threabhadh dho an méid úd do dhéanamh, lé n-a dhá ghéig féin: obair iongtach. Admhóchaidh an namhaid is déine ar an nGearmáin sár-thréan an t-arm atá aice: cómhachtach, cliste. Ní heól dom aon tsár-thréithe ann seachas éinne eile a thuillfeadh é do mholadh go canaibh na gréine: aon rud áirighthe, deárscnach thar an gcoitchiantacht. D'fheairín bheag ná fuil cuma ró-acfuinneach air dhéin sé sár-throid le fear go raibh a dhá oiread ann: in am is gur bhuaidh sé air: cómhrac iongtach. Ní dócha go bhfuil luadh do dharadha sár-throm, uisce doimhin, láidir atá thíos fút: trom a dhóthain chun an daradha do bhreith ar tóin puill is é do bheith iascamhail. Leig dó féin, budh chóra dhuit truagh do bheith agat do shár-thruaill mar é ná fuil luid den éadach air is nách feas do cá bhfaghaidh greim lé cur ina bhéal: duine aindeis, claoidhte. Bheadh sár-thruagh dhom don té go n-imthigheann iomard air dá aindeóin: truagh chroidhe. B'fhéidir ná éireóchadh leis an gcuideachtain baraille d'ól ach dar fiadh tabharfaid sár-thuargaint do: raghaid dian go maith air. Sár-thuar dighe airgead do bheith ina phócaidhibh siúd, mar is mór é a chroidhe: cómhartha an-mhaith. Thugais sár-thuairm fé, cé chreidfeadh go gcuirfeá amach gurb é sin díreach a thug me: tuairm chruinn, an-iongtach. Ná tuirsigh thu féin lé n-a chur ina luighe air tá sár-thuigsint aige sin ar gach focal dá n-abrair: tuigsint shoiléir. Ar an saghas oibre atá aige dhá dhéanamh ag gabháil d'armáil tá sár-thuilleamh aige: mórán páidh do. Fuair sé táille i ndeireadh a shaoghail agus é sár-thuillte aige ar son a ndeárna sé d'éachtaibh: é ag dul do go mór. Lé sár-thuirse chaitheas stad agus suidhe, gur thuiteas im throm-shuan: tuirse thar barr. Bímís ag gluaiseacht anois, tá an t-anaithe thart, is sár-uain againn ar thaisteal: aimsir an-oireamhnach. Leis an sár-uaisleacht croidhe atá ann thug sé dá chumas go rabairneach dos na bochtaibh: uaisleacht fhíor-cheart. Is dóichighde sár-éan do theacht as shár-ubh: ubh maith éan maith. Sár-úghdarás fachta ó Chómhdháil Mhearaice ag Rósaibheilt chun an chogaidh do chur: úghdarás iomlán. Deintear sár-umhlóid do Dhia, dlightear do é: géilleadh iomlán, toilteanach. Táir ag dul i dtigh chómh maith agus tá i gCúige Mumhan, gheóbhair sár-úramh ann, biadh, deoch, is ceannsacht: déanamh fíor-mhaith. Ar an sár-urra atá aige gheóbhaidh sé a dhóthain airgid sa bhannc: taca go bhfuil gustal is cumas aige. Ar a shár-usacht do thagann obair air d'aithneófá an t-eólas: an-shonaoideach.

sarachán: *f.1.* duine nó ainmhidhe beag cruinn; tuairgín. Budh bheag an nath ag gaiscidheach fir mar thu sarachán beag mar sin do threascairt. Ní raibh riamh ann ach sarachán: níor fhás sé.

sárachán: *f.1.* duine sanntach, sáthaire. Tóg do lámh as san, a shárachán, fan go gcuirtear do chuid chughat: duine a bhíos d'iarraidh bheith roim dhaoine eile. Bheadh san indiu leat-sa is lé duine eile ambáireach, an sárachán, leis an té is mó, dar leis, go bhféadfadh sé an bhreis do bhaint: fear fartha na caoi. In áit go bhfaghadh an náireach bás mhairfeadh an sárachán: an té a bhíos ar biorda chun buntáiste as gach cao.

sáraidheacht: *b.3.* gabháil an lámh uachtair, do bhréagnughadh, d'áiteamh ar, iarracht ar fhuascailt. Pé rud a chuirfinn rómham do dhéanamh bheadh sé ag sáraidheacht orm: ag teacht treasna orm. Stad den sáraidheacht faid bhím ag cainnt: ag treasughadh is ghom chur amudha. Léigh do an fhírinne as an bpáipéar, is bheadh cúig éigin chun sáraidheachta: teacht treasna nó bréagnughadh. B'fhada Tighearnaidhe Talmhan na tíre seo ag sáraidheacht ar thríontaidhthibh go dtí gur cuireadh an briseadh ortha: ag imirt lámh láidir ortha. Thóg na báillidhe an eadáil lé cíos, ach chruinnigh na daoine is dheineadar sáraidheacht ortha: fuascailt. Mara bhfaghaidh siúd lé síothcháin a bhfuil uatha bainfid amach lé sáraidheacht é: lé foiréigean.

sáramhail: *a.* treasnuightheach, treasnálach, tarcuisneach, lochtach. Is breágh leis a bheith sáramhail i gcómhnaidhe, ní mór go leigfeadh sé faic as bhéal dhuine gan teacht treasna air. Is cuma cad déarfá bíonn rud éigin sáramhail ar bharra a theangan aige: lochtach: tarcuisneach. An focal atá ráidhte anois agat, tá sé sáramhail go maith, cuireann sé im éisteacht me: i ndán stad do chur liom: treasnuightheach.

sáramhlacht: *b.3.* treasnuightheacht, treasnálacht, teacht roim. Is cuma lé daoinibh áirighthe fuaimeant do bheith leó nó gan a bheith ach labhairt le cion ar an sáramhlacht: treasnálacht: treasughadh ar labharthaibh duine. Admhuighim go bhfuil sáramhlacht id chuid cainnte is ná fuil aon fhreagra agam ar an méid atá ráidhte agat .i. gur féidir léd chuid cainnte me do chur im stad.

sárughadh: *f.* (*-uighthe*) buadhachtaint ar, ag cur iachall ar, ag gabháil lastuas de, treasughadh, treasnaghail, bréagnughadh, deárscnughadh, ag breith barr, tosaigh etc. Ná bí ghom shárughadh ar gach aon fhocal adeirim: ag teacht treasna orm. Is maith an sárughadh a dhein sé agus an capall fiadhain do stad: cosc. An é an focal cruaidh sin atá ghod shárughadh? ná tuigir é?: ghod stad: gan leigeant duit dul ar aghaidh. An bhfuil a shárughadh in aon áit? cad a déanfar leis in ao'chor?: a bhualadh: an té a gheóbhadh an barra bhuaidh air. Is deacair braon maith té ar maidin do shárughadh: rud is fearr 'ná é d'fhagháil. An bhfuil sárughadh an chárta san id láimh?: cárta a bhuailfeadh é. Dá mhéid é réim Hitlear, adeir an Ponncán, déanfar a shárughadh fós: cuirfear cosc leis is buaidhfear air. Ní fhéadfadh an long an cuan d'fhágaint, bhí an ghaoth ghá shárughadh: ag teacht treasna uirthi is ghá chosc. Aiste mhaith seadh í, ach seo ceann atá ghá sárughadh: atá níos fearr 'ná í. Bhíomair ag gluaiseacht go haoibhinn nuair bhris roth is níor bh'fhéidir linn dul ar aghaidh, budh mhór an sárughadh é: an cosc: an stad ar ár dtriall do shroicheamhaint. An féidir aon tsárughadh do bhaint as ar an bhfuadar fiadhain

atá fé?: aon chosc: aon bhéic. Thar shárughadh an tionnlacain a bhíos ar loingeas tráchtála ag teacht thar farraige cuirtear cuid mhór aca ar tóin phuill: d'aindeóin. Is mór an sárughadh ar ainmhidhe ceangal do chur fé: maolughadh. Ní ghod shárughadh ar sin táim, cuimhnigh cad atá id bhéal agat, ach seo mar chonnac-sa: ní hag teacht treasna ort é. Mara bhféachair rómhat agus breis chlóidh do chur ar do chuid oibre ní fada ná go mbeidh scríobhnóiridhe eile ag sárughadh ort: ag dul chun tosaigh ort: ag déanamh oibre níos fearr. Is truagh é, ach bíonn a theanga ag sárughadh ar a aigne: scaoileann sé amach an rud a bhíos ar maoith aige. Is fada dhá shárughadh ag an saoghal me: é ró-mhaith: me dhá chlaoidheachtant aige. Is deacair an sean-fhocal do shárughadh: do bhréagnughadh: bíonn an fhírinne do shíor aige. Tá do chruaidh-cheisteanna ag sárughadh orm: ghom dhalladh: ag dul díom iad do réidhteach. Nuair tugtar gaoth do ráfla is deacair é do shárughadh: é do chur ina stad nó do bhréagnughadh. Níl aithne ann ná go bhfuil sárughadh déanta ag an gcoirptheach uirthi: í briste réabtha aige. Á, an tsíorraidheacht! sin í an sárughadh: an fhadhb: an rud a théigheas dinn do thuigsint. Níl sárughadh ar thoisc an tsaoghail: ní féidir buadhachtaint uirthi. Mar shárughadh orm do labhair sé: chun teacht treasna orm.

sáruighim: *b.a.* $_7$ *n-a.* déarscnaim, buadhaim ar, tagaim roim, treasna ar, suas lé etc., fé bhrághaid, téighim thar, etc., teanntuighim. Sáruigh na hainmhidhthe sin: téighir rómpa is coisc iad ar ghabháil an bealach atá fútha. Go dtí so ach go háirighthe, is fearr de scoláire é ná thu, sáruigh anois é: buaidh air: gaibh tharais chun cinn. "Sáruigheann bean an diabhal": chlaoidhfeadh sása is cluain mná duine i bhfad níos measa ná dhéanfadh cathughadh an diabhail. Ní sháróchaidh sé na cheithre fichid: ní fhágfaidh sé ina dhiaidh iad. Ar an gclódh imtheachta atá fút is gan aon fhéachaint chughat agat duit féin sáróchair ort féin: déanfair do bhascadh féin de bhrigh ná féadfair do bhrat do chonnlach mar leathair é. Sháruigh an amhránaidheacht orm, ní raibh guth chinn mo dhóthain agam: bhuaidh orm. Dá fheabhas atá sé ag cur chuige sáruigheann air é do dhéanamh: teipeann air: tá sé thar a riocht. Leig do féin, sáróchaidh sé féin é féin: trí n-a ghníomharthaibh tiocfaidh maidhm air. Sáruigheann gleann mór, doimhin an bóthar: gearrann treasna air: críochnuigheann sé ann. Thug sé fé ar dhathad cuma, ach sáruigheadh ar gach iompódh é: coisceadh é: treasuigheadh air is níor leigeadh ar aghaidh é. "Agus do sháruigh gliocus Sholaimh críonnacht chloinne an oirthir uile agus gliocas na hÉigipte uile": bhuaidh air: d'éirigh os chionn: bhí ró-mhaith dho: rug barr ar. Cé hé sin a sháruigh me? táim amugha aige: a tháinig treasna ar mo labharthaibh. "Choidhche" ar seisean "ní sháróchaidh an namhaid orainn i saothar armála, nuair chuirfeam lé chéile, cuirfeam oiread amach i mí is ná cuirfidh sí i mbliadhain": ní dhéanfaidh breis: ní raghaidh chun tosaigh. Nár sháruighidh ár namhaid sinn ar muir ná ar tír: nár né ár ndíoghbháil trí bheith ag cur cathuighthe orainn. Ar bheith ag áiteamh choidhche air is an ceart ar fad do bheith agat sháróchadh sé thu: chuirfeadh sé an dubh ina gheal ort. Sáruigheann a chuid scríobhnóireacht ar shaothar éinne eile: deárscnann: beireann buaidh air. Ní lé cainnt ach lé gníomh do sárófar an namhaid: do cuirfear cosc léi. "Sáruigh-se anois é, mar sin", déarfá lé duine a bheadh ag fagháil lochta ar t'iarracht trí theipeadh dhuit. Ní haon mhaith bheith ag cainnt, a fheara, sháróchadh sé ar an ndiabhal féin lé lúbaireacht: níl éinne d'fhéadfadh bheith de lúbaire níos mó 'ná é. Sáróchaidh an iomad siubhail thu, beir fada air: claoidhfidh: tuirseóchaidh is caithfir stad.

sáruighthe: *a.r.* stadta, coiscighthe, buaidhte ar, treasuighthe, bréagnuighthe, tagtha suas lé, tuirsighthe, cnaoidhte. Táim sáruighthe ar an bhfiadh-chloich seo, níl aon tsnámh agam: teanntuighthe: ar aiste ná féadfainn fágaint ag an uisce. Thug sé iarracht ar an ndraip d'fhágaint i ngach treó ach bhí sé sáruighthe ag cómhachtaibh budh threise 'ná é: teanntuighthe: cluichte istigh i slighe ná féadfadh gabháil amach. Na tíortha cómhraic uile ghá mhaoidheamh lé seachtmhain go bhfuil sáruighthe aca féin san aer: an buaidh aca ar an lucht treasuighthe. "Nílim sáruighthe fós" ars an cat nuair seo leis anáirde an crann ar teicheadh ón gconairt: beartha orm: gach cao éaluighthe coiscighthe. Um an dtaca in ar shroicheas na báilidhe leis an gcíos bhí an eadáil sáruighthe ag an ndream gur leó iad: coiscthe ar dhul ar aghaidh. Tá sáruighthe ag droichshín an lae indiu ar a bhfeaca riamh: maidir lé holcas níl sí i dtánaiste dhi. Ná feicir go bhfuilim sáruighthe?: nách féidir liom aon rud do dhéanamh. Gach focal sáruighthe ag an bhfíné eile ná feiceann tú: bréagnuighthe nó teanntuighthe: a bhrigh bainte as. Ar an nóimint seo anois táim chómh sáruighthe sin ná fuil ionam corruighe: tuirsighthe: tugtha amach ag saothar. Sin girrfhiadh, tá sé sáruighthe thuas ag an gcarraig: í ina constaice roimis ar a rian. Má leanann an cogadh air, beidh na daoine chómh sáruighthe sin i ngach dúthaigh ná féadfaid leath a ndualgas do chómhlíonadh: claoidhte: teanntuighthe, cnaoidhte ag deascaibh an chogaidh. Tá Oileán Philip sáruighthe ar na Stáit Aontuighthe: deighilte maidir lé conbharsáid mhara do bheith aca leó.

sáruightheach: *a.* máchaileamhail, goirtightheach, fíochmhar, coiscightheach, dian. Beidh na cánacha tar éis an chogaidh seo, pé am é sin, chómh sáruightheach san ná féadfaidh neach claoidhe leo, bochtnóchaid an saoghal mór: trom gáibhtheach. Níor mhaith liom in ao'chor dul chun anatais argóna leis, bíonn sé ró-sháruightheach nuair cuirtear air: droich-theagarthach. Abraidís a rogha rud, ach dá mbeadh dlighthe sáruightheach ortha mar tá curtha ina leith níor chosamhail go mbeidís chómh tréan ar pháirc an chatha: dian, claoidhteach. Fuair sé buille sáruightheach isteach sa tsúil, a dhún í: ceann géir-dian. Beart ró-sháruightheach do dhuine óg lag gan taithighe seadh treabhadóireacht: ró-chlaoidhteach: dian, dochaiseach. Budh mheastamhla do bheadh na daoine ort dá mbeitheá gan bheith chómh sáruightheach léd theangain: tarcuisneach nó tugtha do theacht treasna ar dhaoinibh. Chonnaic sé go raibh sé sáruightheach is mar sin, níor thug sé eaga dho a bhéal d'oscailt: treasnálach, tagartha.

sáruightheóir: *f.3.* coiscightheóir, buaidhteóir, conncasthóir, géirleanamhnaidhe, teanntuightheóir. Sean-sháruightheóir ifrinn féin ní chuirfeadh an ball air: ní féidir an lámh uachtair d'fhagháil air lé cleasaibh is lé gliocas. An geimhreadh mo sháruightheóir .i. a chlaoidheas me: bíonn an tráth san ró-dhian orm. Is é a thug cómhacht na bhfarraigidhe do Shasana iomad sáruightheóiridhe mara do bheith aice: breis long chogaidh. Sáruightheóir iongtach an madra san .i. é go maith tímcheall ainmhidhthe. Sáruightheóir uathbhásach ar aitheantaibh Dé me, go bhfóiridh Sé orm .i. is minic dhá mbriseadh agam iad. Sáruightheóir tighearna ná foidhneóchadh lá leat i seilbh gan an cíos do bheith agat: géirleantóir.

sás: *f.1.* ₇ *3.* gléas, oireamhaint, fearas, inneall, foillsightheóir, duine, ainmhidhe nó rud in acfuinn bearta do dhéanamh, gaiste, dol. Is maith an sás iascaigh an tslat san agat, chuaidh sí cuid mhaith is dócha: gléas nó fearas an-mhaith. Fan-sa id thost ach go

háirighthe mar nách ró-mhaith an sás cainnte thu: ní cainnteóir líomhtha thu. Tá sé ar an sás éithigh do chumadh is fearr a tháinig treasna orm riamh: foillsightheóir iongtach chuige é. An bhfuil a fhios agat ná go bhfuilir ag gabháil de shás do mharbhtha – an obair chruaidh sin?: rud atá ábalta air. Sás maith caide (peile) d'imirt seadh é, tá eólas ar a ciútaidhe go léir aige: is rí-mhaith an earra chuige é. Ní haon tsás maitheasa uisce fuar do dhuine bhreóidhte: earra gan aon tairbhe chuige seadh é. Droch-shás argóna an dligheadóir sin, tá ceal líomhthachta air: foillsighthéóir gan mhaith. Sás maith reamhruighthe seadh an talamh san .i. beithidhigh a cuirfí air ní fada bheidís ag tuiteam i bhfeóil. Is maith an sás tighe do choimeád í .i. tá sí aireach, cúramach, cnuaisciúnach. Is olc an rud nár shás maith le n-itheadh é nuair bheadh an t-ocras ar dhuine: biadh maith. Sás dighe do thaoscadh: go héascaidh chun a freastail ar chuideachtain. Táim i sás anois is gan teacht as agam: i ndraip. An Sás: gabhal mara ar an dtaobh thuaidh de Chnoc Bhréanainn agus is sás ceart é .i. áit chonntabharthach, theanntuightheach i ndroch-uain. An sás maith bearrtha an rásúr san?: gléas maith. Is uathbhásach agus is iomadamhail na sása cogaidh atá ag na tíorthaibh cómhraic: innill mharbhtha.

sásacht: *b.3.* dóthain, sáith, oiread agus a oireas. Cuireann sé sásacht ar mo chroidhe thu do bheith chómh maith, mar budh mhairg liom díth ná dóchar do bheith ort: sásamh. Chun a shásachta do thabhairt do, níor mhór duit bheith ag síor-thacaidheacht leis: oiread agus go mbeadh a leór-dhóthain ann. D'íosfadh sé sásacht triúir de bhiadh leis an ngoile atá aige. Dá gcuirtí a thuilleadh cruithneachta bheadh sásacht gach éinne de phlúr againn: dóthain.

sásaidhe: *f.4.* duine a thugas sásamh uaidh nó go mbítear sásta leis. Ní bhfaigheadh sí a sásaidhe féin d'fhear ina hóige, dar léi, d'fhág san ina sean-mhaighdin í: fear céile a bheadh oireamhnach di. Tá mo shásaidhe de rinnceóir agam pé olc maith libh-se é: rinnceóir ná faghaim aon locht air. Sásaidhe oibreóra seadh é, bíonn gach éinne buidheach de: oibreóir a thaithnigheas lé lucht feadhma.

sásamh: *f.1.* aon rud a chuireas aoibhneas cuirp nó aigne ar dhuine; seascaireacht; cúiteamh, díoghaltas; dóthain, méid méine, diongmháil, sólás. Budh mhór an sásamh aignidh dhi go bhfuairtheas corp a fir báidhte: an suaimhneas smaointe. Cuireann trácht ar an mbiadh, tá oiread san dúla aige ann, gan bac lé n-a itheadh, sásamh ar a aigne .i. ní mór ná gur leór san leis. Is í an leaba gan sásamh í, tá sí ag gabháil isteach tríom easnadhachaibh lé cruadhacht: gan seascaireacht ná suaimhneas don gcorp luighe uirthi. Ní bheadh aon tsásamh air gan bheith ag ól leis is a choisce caithte cheana féin aige: ní bheadh sóghas ná sócamhlacht ná suaimhneas ina aigne gan é. Ní bheadh aon tsásamh air gan bheith ag achrann: suaimhneas ná socracht .i. bheadh sé ag déanamh mearbhaill do gan bheith. Ní bhfaightear aon tsásamh ann in áit go mbíonn sé ag obair, scaoiltear leis: ní taithneamh leó a chuid oibre. Ghearánas a mhac leis ach is beag dá shásamh a fuaireas, dubharthas liom aire mhaith do thabhairt dom chúram féin: cúiteamh ná taise níor tugadh dom. Thógas ar theastuigh uaim agus nílim i mbun a shásta d'éinne: nílim chun a chúiteamh do thabhairt do neach: ní bhfaghaidh neach díolaidheacht ná díoghal uaim as. Deineann sé pé nidh is áil leis is má néann díoghbháil ní bhíonn i mbun a shásta d'éinne: níl sé ar aigne aige aithreachas do bheith air ná leigeant do neach é do dhíoghal leis. Dhíolfainn an áit ar maidin dá bhfaghainn mo shásamh airgid air: an oiread is

thaithneóchadh liom .i. ná fágfadh aon cheisneamh orm scaramhaint leis. Tabharfad-sa do shásamh bruighne dhuit: oiread is nách mian leat a thuilleadh. Más sásamh ort dul ar snámh, téighir: más áil leat. Ní haon tsásamh air siúd deich bpúint shuaracha d'fhagháil as leath-chéad: ní díolaidheacht a thaithnigheann leis é. Ag gabháil tríd an ndúthaigh fhiadhain úd mar a rabhas i gcuan mo mharbhtha ní raibh aon tsásamh orm: ní rabhas istigh liom féin: ní raibh suaimhneas ná socracht ar m'aigne. "Más aon tsásamh ort é, bíodh sé agat", déarfá lé duine gur dhóigh leat go mbeadh a dhúil i rud a bheadh agat: má shocruigheann aiste t'aigne. Caithfeam sásamh do thabhairt do Dhia in ár bpeacaidhibh: iad do chúiteamh leis. Nuair labharfair chun mo shásta beidh báidheamhail leat is ní bhead 'ghod shárughadh: ar chuma is áil nó is mian liom. Bhaineamair árd-shásamh ar fad as an gcluiche cártaidhe sin: aoibhneas is subháilceas. Déanfad aon rud a thiocfaid im cheann gan aon tsásamh do t'fhiaclaibh: dod aindeóin is gan a luighead díolaidheacht do thabhairt ann. Itheann sé lé sásamh (ceart): gheibheann sé subháilceas san méid a itheann sé. Sé an tigh gan sásamh é .i. ná bíonn ach achrann nó go bhfuil de locht air nách féidir do bheith seascair ann. Is é nár bhain sásamh as a shaoghal .i. ná raibh comhthrom ná seascaireacht aige. "Tá mo shuidheachán agat" – "bain sásamh díom" .i. bain díom é nó bíodh cúiteamh ar chuma éigin eile agat. Más sásamh atá uait, gheobhair é: fonn cúitimh is rud éigin atá déanta mícheart nó a leithéid .i. tabharfad cao dhuit ar bheith comhthrom liom má tá sé ar do chumas. D'imthigh an deoch, dá mhéid a bhí ann di, gan sásamh ní bhfuair éinne an oiread di is gur bhain sult ná subháilceas aiste. Tá tigh go sásamh aon mhná aige: tigh go mbeadh éinne sásta leis. 'Ghá bhualadh lé sásamh ceart do bhí sé, an cladhaire: gan aon truagh aige dho. Faigh sásamh ó dhuine éigin eile .i. ná bac liom-sa. Tá rud éigin bun os cionn, níl aon tsásamh indiu air: ní bhraitheann sé go ró-mhaith: rud éigin ná fuil ag réidhteach leis. Sásamh mo chroidhe orm bheith ag éisteacht leat: aoibhneas ceart. Aon méid atá déanta aige ní luigheaduigheann sé mo shásamh as .i. an meas céadna atá agam air. Ní thugann bróga éadroma aon tsásamh uatha fén dtuaith i ndroch-aimsir an gheimhridh: ní pioc subháilcis bheith ghá gcaitheamh: cuirid callóid ar lucht a gcaithte. Deineann sealbh sásamh, anois gur phós sé sa deireadh ní bheam bodhar aige tímcheall ban: nuair bhíonn an rud a bhíos uaidh ag duine socracht ar a mhian é. Bítear ag baint sásaimh de sa bhaile .i. do shíor ag fagháil lochta is ag gearán air. An-dhian ar fad do bhí an siopadóir ag éileamh na fiacha orm agus mise d'iarraidh gach sásaimh do thabhairt do go n-íocfainn é nuair bheadh sé ar mo chumas: geallamhaintidhe is leathscéil. Púnt amháin a bhfuil de shásamh agam as an saothar ar fad: díolaidheacht: díolfiach. A aigne ag tabhairt sásamh a mhian do: é ag scaoileadh leis féin gan srian. Sheirbheáil sé me i dtaobh a ghoirtighthe is thugas fiche púnt do i sásamh: mar chúiteamh: d'fhonn gan a thuilleadh éilighthe bheith orm.

sásamhail: *a.* sásamhach, i ndán sásaimh do thabhairt, maith a dhóthain. Budh neamh-shásamhail leó mar chléireach é toisc an méid dearmhad do dheineadh sé agus caitheadh scaramhaint leis: gan bheith ábalta ar a chúram do dhéanamh i slighe a oirfeadh. Rothar sásamhail seadh é, ní mór an duadh do fuaireas uaidh ón lá cheannuigheas é: go maith chun a ghnótha. Ní thaithnigh aon tuairisc sásamhail ó log an chatha chúcha lé dhá lá is baoghalach go bhfuil an ball dhá chur ortha: a chuirfeadh áthas ar dhuine. Ní mór duit bheith sásamhail go maith go deimhin, admhuighim, sara nglacfadh an duine ceartéiseach úd leat: gach nidh do dhéanamh do dréir a thola is a mhéin. Táim an-shásta san áit go bhfuilim, tá obair shásamhail agam ann: obair a thaithnigheann liom: ná cuireann duadh

orm. Is é a chabharfadh lé duine go sásamhail, níl aon phioc den dochma ina chuid: go soilbhir. Budh shásamhla liom té ná caifí: b'áile liom.

sásamhlacht: *b.3.* ar aiste bheith sásamhail nó sásta, sástacht. Fair ag itheadh é, an bhfeacaís éinne riamh is mó go gcuireann biadh sásamhlacht air: soilbhreacht bheith ghá itheadh: sóghamhlacht. Gheibheann sé sásamhlacht cheart as bheith ag tromaidheacht ar dhaoinibh leis an aigne olc atá aige: aoibhneas ceart ar a aigne.

Sasana: *f.4.* tír as oirthear Éireann. Sasana nuadh: na stáit aonta. Sall go Sasana. Is é Sasana an Bhéarla choidhche é: an Sasana ná réidhtigheann liom 'ná sinn leis. Budh dhóigh leat gur sall go Sasana bheadh sé ag dul tá an oiread san dochma air: an-righin ar fad. Déarfainn gur ó Shasana é an clódh atá air: cuma ghallda, allmhurach. Tá sean-Shasana is a halta dhá fhagháil an aimsir seo: í féin agus na sleachta a éiligheann sí gur uaithi do shíolbhuigheadar. Budh dhóigh leat gur ó Shasana me aca: thaidhbhsigheas coimhtheach dóibh.

Sasanach: *f.1.* duine lé Sasana, Protastúnach; ag baint lé Sasana. Aon earra Shasanach ní shroichfidh Roinn na hEóraipe anois: a deineadh sa tír sin. Blas Sasanach tugtha ar a chuid cainnte lé déidheannaighe .i. é bheith ag labhairt ar a nós. Ná tabhair iontaoibh choidhche léi – adharc bó, tráthnóna fóghmhair, scéimh faille, dranna madra, bolg mná, tón leinbh, crúb capaill, gáire Sasanaigh .i. ní fhéadfadh éinne a mhuinghin do chur asta. An díochúis atá déanta agat air ní dhéanfainn ar Shasanach dubh í: chómh dona san í is a bheith tuillte ag duine ní agróchainn í air. Sasanaigh dhubha seadh iad: táid go mór ar thaobh Shasana. Tá sé chómh reamhar lé Sasanach ón ndíomhaointeas is deagh-bheatha: an-reamhar. D'iompuigh sé ina Shasanach: Protastúnach.

sásta: *a.r.* soilbhir, seascair, dóthanach, etc., ar intinn lé. Is mithid dóibh bheith sásta dá chéile, táid ag gabháil stealladh ar a chéile anois lé breis agus dhá bhliadhain: dóthanach dá chéile: an oiread tugtha fachta aca is gur leór bó san. An bhfuilir sásta leis an scéal do réidhteach ar aon chluiche amháin cártaidhe ?: an aontuighir leis sin? Cad go mbeadh an fear céadna sásta? .i. ní féidir aon rud do dhéanamh do go n-aontóchadh sé leis. Deirim go láidir leat ná beir sásta léd mhargadh má chuirir aon chruisteach air siúd .i. go mbeir in aithreachas mar go raghaidh an tinn ort. Chaitheamair seal i bhfochair a chéile is cainnt shásta againn: soilbhir: a thug aoibhneas dúinn. Níl na bróga so ró-shásta orm, táid beagán cumhang: táid ag goilleamhaint orm. Ní chuirid mairg ná buadhairt anois orm, ná is fada gur chuireadar, táid sásta díom fada: dóthanach. An mbeir sásta choidhche den mbiadh?: an mbeidh do dhóthain de caithte agat. An domhan mór do tharrac do ní bheadh sé sásta teacht linn: fonnmhar. "Téanam liom" – "ní bheinn sásta leat": ní aontóchainn teacht. An bhfuilir sásta leat féin ann?: seascair. Chaith sé oidhche an-neamh-shásta airéir, ní maith an tuar é: go neamh-shocair mar bheadh an bhreóidhteacht ghá bhuaidhreamh. Ná tabharfá freagra cneasta ar dhuine, nach do-shásta an mac thu: deacair rud do dhéanamh ná a rádh a thaithneóchadh leat. Níl uaim ach mo cheart, táim chómh hiontsásta lé neach eile: is furaiste me d'ionnramháil. Nára sásta thu má táir ag cáiseamh fós!: nára féidir do dhóthain do thabhairt duit. Bheadh Dia níos sásta liom dá dtugainn cóngamh don gcladhaire úd cé nár thuill sé uaim é: níos buidhchighe dhíom. Gura sásta ambáireach 'ná indiu thu: gur fearr as tu. Mairid go sásta ann ar an méid atá aca: seascair,

soilbhir. Cá bhfuil an rud is sásta ná leabaidh mhaith chodlata: is seascaire agus is mó a chuireann taithneamh ar dhuine. Ar mbeith dho gan tart gan ocras budh dheacair duine budh shásta 'ná é d'fhagháil: chómh soilbhir, síothach ina aigne. "Cuirfead thu a chodladh anáirde ar an lochta in áitín shocair shásta": an-sheascair.

sástacht: *b.3.* aiste bheith sásta, sáthach, sásamhach; socracht, suaimhneasacht, seascaireacht, oireamhnacht. Bheadh sé ar a shástacht anois, dar leis, dá mbeadh sí mar mhnaoi aige, bheadh sé go seascair: bheadh a aigne chun suaimhnis. Ní féidir rud do dhéanamh chun a shástachta, tá sé chómh ceartéiseach san, bheadh giob geab go maidean aige, dá fheabhas do dhéanfá do dhícheall: chun ruda do thaithneamhaint leis. Leigtear dom mar táim anois táim ar mo shástacht: ar mo shuaimhneas is gan buaidhreamh aigne orm. Ní sástacht go dtí is mar bhí air nuair chualaidh sé gur maitheadh do: bhraith sé go soilbhir ina aigne. Ná cuir a thuilleadh chugham anois, is leór san, tá mo shástacht agam: oiread agus a chuireas taithneamh ar mo mhian. Táid ar a sástacht lé fada an lá: go maith as. Beidh Éire ar a sástacht faid agus teangmhálfaidh an cogadh léi: ar a thoil féin: suaimhneas is soilbhreacht aice. Níl aon teóra leis an té go dtugann Dia sástacht aigne dho .i. bheith socair ciúin in aghaidh anróidh is aindeise. An do-shástacht a leanas an deoch: an gearradh brághad: mío-shuaimhneas aigne. Leanann do-shástacht an bhochtanacht: clampar is mío-shuaimhneas. Ní fhéadfadh sástacht a bheith ins na brógaibh cumhanga san: seascaireacht .i. an té gur cumhang leis a bhróg is cumhang leis Éire. Níl sé de shástacht saoghail agam gal tobac do bheith ist oidhche agam tar éis mo lae oibre gan an uile dailtín agaibh is "t'rom, t'rom" aige: de shólás: aoibhneas aigne. Cá bhfuil an tsástacht in obair fé dhroichshín?: an taithneamh: an sásamh a gheibheann duine as rud do dhéanamh. Ní lém thoil a dheineas é, ach mar shástacht air ó theastuigh sé uaidh chómh mór san: chun an méid sin dá thoil do thabhairt do. Duine dúr ná cuirfeadh ceól maith sástacht air: gnaoi: áthas: subháilceas. Níl aon tsástacht orm ag an aimsir seo: ní thaithnigheann sí liom. Oirim lé sástacht dóibh, mara mbeadh san ní choimeádfaidís me: go mór. Ag na daoinibh saidhbhre tá sástacht an tsaoghail seo, ach go háirighthe, pé nidh eile atá aca: an stáid shocair aigne is féidir leo do bhaint as a gcuid ionmhais. An tsástacht ar fad atá sa tigh sin: socracht, ciúineacht is síothcháin. Aon tsástacht in ao'chor ní bhfaghann sí ó bheith pósta, b'fhearr léi ná bacfadh sí thóirse é: sult ná suairceas. Is fearr sástacht 'ná na táinte .i. b'fhearr dho dhuine sláinte is suaimhneas 'ná ionmhas is anródh saoghalta. Mara bhfuil na bróga san chun do shástachta ná ceannuigh iad: maran dóigh leat go n-oirid duit etc. Aon iongadh ní bheadh orm dá mbeadh breóidhteacht ar bórd agam ar an mío-shástacht atá orm: an mío-shuaimhneas cuirp atá orm. Sástacht seadh tú choidreamh: áthas.

sásughadh: *f.* (*-uighthe*) do thabhairt dóthana do, áthas, cúiteamh, cothughadh iomlán, díolfiach. Ní deacra mura do shásughadh 'ná iad, bheidís ag síor-lorg 'sag síor-ghnúsghail: ní mór gur féidir a mian do thabhairt dóibh. D'iarraidh gach éinne do shásughadh rud nár deineadh riamh is ná déanfar choidhche: a dhóthain nó a mhian do thabhairt dóibh. Go raibh maith agat, ní gábhadh a thuilleadh, tá gach aon rud socruighthe chun ár sásuighthe againn anois: gach easnamh is mian ceannsuighthe. An bhfuil an obair chun sásuighthe na bhfear?: an dtaithnigheann leó. Dá mbeinn i mbun do shásuighthe, rud ná fuilim, gheóbhfá an nídh atá uait: fonn orm do mhian do thabhairt duit. Cuireadh sásughadh aon líon tighe de bhiadh ar an mbórd ach budh ghearr an mhoill ar an scata

scolfartach úd crích do chur air: oiread agus chothóchadh iad. An sásughadh céadna dho é, an tor céadna atá lé fagháil aige troid nó a shuaimhneas do cheapadh: aon rud ní bheidh dhá bharr aige. Chuardóchadh sé an baile ó n-a thóin go dtí n-a cheann sara bhfaigheadh sé a shásughadh éadaigh ann, tá sé chómh cáiréiseach san: éadach a oirfeadh dá aigne. "Ní tharcuisnighid daoine gadaidhe má ghoideann sé do shásughadh a anama an uair bhíos sé ocrach" (Seanráidhte VI. 30): chun suaimhnis do thabhairt do. B'éigean éirghe corp na gclár de, ní raibh aon tsásughadh air, bruighean a bhí uaidh: aon rud a déarfaí nó a déanfaí chun a cheannsuighthe ní thaithneóchadh leis. Is rí-bheag an sásughadh díolaidheachta dhom chúig phúint as chéad púnt fiach: cúiteamh nách fiú trácht air. Deineadh dícheall ar a haigne do shásughadh, ná beadh aon bhaoghal ar a fear sa stoirm: do chiúnughadh. Ins an tír seo atá an sásughadh ach é do bhaint aiste: cothughadh go leór ach é do bhaint as a toradh. An bhfuil suim do shásuighthe san méid sin airgid lé haghaidh do thurasa?: an oiread is go bhfuil déanamh do ghnótha ann. Is é tigh sásuighthe na mbocht é: gheibhid déirc is aoidheacht ann.

sásuighim: (**sáisighim**) *b.a.* tugaim go leór do; cúitighim, ceannsuighim, suaimhneasuighim, íocaim, soilbhrighim. Níor stadas de bheith ag gabháil ar an gcladhaire gur sháisigheas me féin de: go dtí go raibh m'aigne dóthanach .i. nár theastuigh uaim a thuilleadh do dhéanamh leis. Sin biadh agat, sásuigh (sásaimh, sáisimh) thu féin: ith do leor-dhóthain de. Ní shásóchadh an saoghal é gan bheith ag priocaireacht lé biorán ar an gcneadh gur lait sé a lámh: ní staonfadh sé. Éire do thabhairt saor do, ní sháiseóchadh é .i. lé duine do-shásta. "Óir do shásuigh mise an t-anam cortha agus do líon me gach anam doilgheasach" (Jer. XXXI. 25): thugas faoiseamh do. Cad sháiseóchaidh anois é? le duine cáiréiseach, dian nó iomardamhail. Sáisigheadh san anois é, deirtear lé duine ná bíonn chun a thuilleadh d'fhagháil nó go bhfuil cúiteamh bainte dhe. Sásóchaidh an fharraige fós é sin, dá mhéid é a fhonn chúiche: gheóbhaidh sé lán a bhuilg di. Ó 'sé is fearr a sháiseóchadh é, leig a cheann leis: ó 'sé a lántoil é. Fuair ná te ní shásóchadh é .i. aon rud ní bheadh sásta leis: duine dochraideach go leanann dochma is neamhshubháilceas é.

sásuighthe: *a.r.* dóthain fachta ag, cúitighthe lé, íoctha. A scolfartaigh, táir sásuighthe anois: do dhóthain bídh nó dighe fachta agat. Táir chómh do-shásuighthe lé cráin mhuice .i. dá mhéid a gheóbhfá bheadh a thuilleadh uait. An bhfuil do bholg sásuighthe fós, a chraosaire: a dhóthain curtha ann. Táim sásuighthe de bhur ndeáibreacaibh, scarfad libh: mo dhóthain mór fachta dhíobh agam.

sáthadh: *f.* (*-aidhte*) ionnsaidhe, ropadh, fogha, ruathar chun cinn, teanntadh chun cinn, do chur go daingean nó i dtalamh; eitim. Thug sé sáthadh gránda dho féin, iarracht do thabhairt ar an earra do sciobadh nuair fuair sé an fhaillighe: iarracht obann, fogha. Chómh luath agus fuaireamair lon ar an ndroch-uain thugamair sáthadh: eitim: iarracht láidir ar chur dínn as an áit ina rabhamair. Bí ag sáthadh isteach nó ní bhfaghair suidheachán: ag déanamh na slighe rómhat go láidir. Ná bac éinne a thugas droch-sháthadh do féin .i. duine a théigheas i gconntabhairt nó a dheineas rud go ceannuaiscneach nó a bhéarfadh náire dho. Gach aon lá bíonn an Rúis ag maoidheamh ar an gcraolachán go bhfuil a cómhachtaidhe ag sáthadh rómpa: ag dul chun cinn d'aindeóin a namhad. Is ait an fear thu bheith ag sáthadh do chinn i ngach aon scéal: ag ropadh: ag

cur isteach nó ag treasughadh. Níor mheasa leis é do sháthadh lé sciain ná san do chasadh leis .i. d'fhuilngeóchadh sé chómh fonnmhar an scian do ropadh ann. Beidh sáthadh fada ar an mbád san .i. beidh rámhaidheacht fada ar an bhfoirinn i gcoinnibh gaoithe nó taoide. Ag sáthadh an bháid: ghá rámhaidheacht. Ag sáthadh aníos an bháid: ghá triomughadh is ghá cur suas ón uisce. Ag sáthadh an bháid amach: ghá cur ar an uisce. Ná bí ag sáthadh im choinnibh: ag teanntughadh ruda éigin im aghaidh. "Bhí fear ins an óinsigh (ainm báid) ag cúladh is an chuid eile ag sáthadh": ag rámhaidheacht i gcoinnibh a chéile. Ag sáthadh thuige, phrátaidhe etc.: ghá gcur san talamh. An t-éan ag sáthadh a chinn fé n-a sciathán i gcóir na hoidhche: ag ropadh: ghá chur i dteannta, fé. Dheineas mo chroidhe díchill air, ag tafant air teacht, ach bogadh ná sáthadh níor bh'fhéidir do bhaint as: aon chorruighe mar seo ná mar siúd. Dhá ghiorracht atá an chruithneacht curtha tá sí ag sáthadh aníos cheana: ag péacadh: ag teacht ar barra. Chuirfeadh an dlighe ort bheith ag sáthadh do mhadra im dhiaidh .i. ghá chur im dhiaidh chun beartha orm. Dá mbeitheá ag cur asat go dtuitfeadh an teanga asat ní fhéadfá mise do sháthadh chuige: a thafant orm dul ceangailte as nó in achrann leis. "Nách mór an sáthadh atá agaibh chuige": an t-ionnsaighe: deirtear lé daoinibh a bhíos ag cur isteach, milleáin, etc., ar éinne amháin a bhíos mar cheap caoraidheachta aca. Nó is mór an sáthadh chun ceann an cholamóra é: gach éinne i mullach an chinn ar an nduine suarach. Is fada ó bhaile an sáthadh do Mhearaice teacht anoir ag troid na Seapáine: ionnsaighe fada, deacrach. Tá a mhalairt de chéill agam-sa ná bheith ag sáthadh eadraibh: ag déanamh eadráin. Ag sáthadh chugham atá an tinneas .i. ag dul i ngéire is i neart. Bhíos ag sáthadh isteach fé thor ón bhfearthainn: ag druideam go teann. An raghaidh aon luighe ar t'earball ach ag sáthadh amach 'sisteach: amach is isteach go neamhshuaimhneasach. Bímís ag sáthadh fé: ag tabhairt fé: ag magadh fén bhfear: ghá ionnsaidhe. Chonnac dhá bhád ag sáthadh ón luing bháidhte: ag rámhaidheacht uaithi. Táthar ag sáthadh na namhad siar: ghá gcur ar gcúl. Bímís ag sáthadh lé chéile, a fheara: ag cur ár gcabhartha lé chéile chun bearta do dhéanamh. Nách gránda an garsún thu bheith ag sáthadh 'on lathaigh ghod shailiughadh féin: ag dul isteach innte nuair b'fhéidir í do sheachaint. Beifear ag sáthadh chun an choirce, etc., sara fada, is mithid: dul ag gabháil de, a bhaint, etc. Táthar ag sáthadh tharat amach caithfir breis chlóidh do chur ort féin: ag dul chun cinn ort. Rann chun sáidhte: chun geárrtha do dhéanamh san ithir d'fhonn an tsíl do chur ann. Aon stad ní dheárna sé chun an scata leanbh do sheachaint ach sáthadh tríotha lé n-a ghluaisteán: imtheacht tríotha lé fuinneamh. Caithtear sáithte do chur ina seasamh ar dtúis chun ughamach na cléibhe do dhéanamh chun na dtuigidhe laga (meatháin) d'fhighe ina dtímcheall: tuigidhe cuibheasach láidir. Is mór an sáthadh chun an bhídh é, is mó tá 'ná chun na hoibre: druideam tapaidh, grod. Ag sáthadh a láimhe ins gach nidh, ní bhfaghadh a shláinte mara mbeadh: ag déanamh eadráin in áit ná bíonn fáilte roimis. Bídís ag sáthadh a dteangan amach anois fút .i. ag magadh fút. Ná bí ag sáthadh do shúl san airgead so mar ná faghair pioc de: ag féachaint go sainnteamhail air. Sin é é, bí ag sáthadh do shrón i gcúram na ndaoine eile: ag baint lé rudaidhibh ná fuil ceart ná cóir agat. Thug sé sáthadh sanntach fé bhreith orm, ach léimeas i leathtaoibh: fogha obann, láidir.

satailt: *b.3.* siubhal ar, do chur nó do bhrughadh fé chois, céim nó siubhal ar lé dearmhad; luighe coise; suidheamh aon nidh, cúilín ráinne, bonn bróige, etc. Ghoirtigh sé go mór é, ní hiongadh san, bíonn satailt throm, ghonta ag capall: luighe crúibe. Tóg do bhróg, táir ag satailt orm: ag luighe ar mo chois léi. Éist-se, pé duine a labharfaidh, nílim

ag satailt ort-sa in ao'chor: ag brughadh: ag goilleamhaint ar aon tslighe. An chuma éascaidh, lúthmhar atá uirthi níl satailt éin aice: cuireann sí a cos fúithi go héadtrom, éascaidh. Ní bheadh a shatailt ann mar bhaile, sin é droich-mheas atá aige air: ní chuirfeadh a chos ann. Ní fhéadfainn satailt ar mo sháil, tá sí ró-thinn: í do chur fúm is mo mheádhachtaint do leigeant uirthi. Tá satailt do bhróige chómh holc lé páipéar ruadh, níl aon chosaint fliuchra ann: bonn. Níl satailt éinne ar do sheans fós: níl tosach ag neach ort chun do thriall do shroichstint. "Féach, do-bheirim-se dhíbh cumhadacha saltairt (satalta) ar na háitreachaibh nimhe agus ar na scoirpíonaibh, agus ar uile-neart namhad, agus ní ghoirteóchaidh aon nidh sibh" (Lúcás X. 19): cosaint céime ar dhíoghbháil don gcorp. B'fhada a bhí Tighearnaidhe géirleanamhna ag satailt ar na daoinibh: dhá mbrughadh fé n-a gcois. Ní raibh sé aon lá riamh go raibh a shatailt níos éadtruime d'aindeóin a ualaigh bliadhan: a choiscéim. Satailt ró-lag ar an ráinn, ná luigh trom air nó brisfir: cúilín: suidhe coise chun rómhartha. Ag satailt ar Thráighlí dhom ag teacht ó Bh'l'Áth Cliath: ag gabháil tríd nó ag déanamh stada ann.

sáthaire: *f.4.* duine a thugas sáthadh do féin go neambéasach, teallaire. Ná fanfá, a sháthaire, go bhfaighfeá cuireadh chun an bhídh, is gan náire do thabhairt duit féin: duine go mbíonn fonn air tosach do bheith aige chun aon ruda. Líon an bhoth dighe isteach de lucht tarta ná féadfá do chos do chorruighe leis an oiread san sáthairidhe ag suaineáil d'iarraidh dulta i dtreó na conntabharthach: lucht guairneáin is guailneála. An sáthaire ní bhéarfaidh sé ar an mbiadh!!!

sataluighim: (**satalluighim**) *b.a. 7 n-a.* cuirim mo chos, mo chéim ar, ag siubhal; buailim cos ar chun brúighte nó chun coimeádta; pasálaim. Ná satail ar na daoinibh: ná bí ag seasamh ar a gcosaibh. Brúghfair cos an leinbh má shataluighir uirthi: má chuirir nó luighir do chos uirthi. Ná satail orm: ná siubhluigh orm. Sataluighidh go maith ar an bhféar ag déanamh coca dhe: brughaidhidh, pasálaidh é: siubhaluighidh air, agus luighidh. Ná bíodh aon éadóchas ort go raghair as, níor shatail neach ar do sheans fós: níor luigh neach a ghreim air. B'iongtach go leór an cion a bhí aige ar Éirinn cé nár shatail sé ar fhód di riamh: nár bhuail a chos air. Féach, cé shatalóchaidh ar sháil air? :cé chuirfidh spochaireacht bruighne air? Fan ón rás, satalófar ort, táir ró-bheag chun sáidhte ameasc an tsluaigh: pasálfar fé chosaibh thu. Satail ar an gciaróig sin: buail do chos uirthi is brúigh an t-anam aiste. Satail ar an scéal san atá innste agam duit: buail cos air is coimeád ina rún é.

sathaoide: *f.4.* bior go mbíonn ceirt casta air chun uisce do chrothadh ar; gual an teallaigh.

satharn: *f.1.* an seachtmhadh lá den seachtmhain. Ó Luan go Satharn ní théigheann sos orm ach ag obair: síor-obair. Buille luath an Luain nó buille déidheannach an tSathairn, ní bhíd rathamhail: an rud a théigheann déidheannach sa tseachtmhain gan déanamh bíonn thiar air. Tosach Aoine nó deireadh Sathairn, deirtear ná bíonn an t-ádh ortha. Nigheachán riabhach an tSathairn bíonn sé geal Dé Domhnaigh .i. is fearr é do dhéanamh dá dhéidheannaighe é. Ná fág fuighleach na hAoine fé mhargadh an tSathairn: ná fág go maidean an rud is féidir leat do dhéanamh.

sathuighim: *b.a.* sáisighim go hiomlán, fóirlíonaim, tugaim a leór dóthain do. Ní stadfaidh anois ó tá an biadh ag teacht bog air go sáthuigheann sé é féin: íosfaidh sé oiread agus is féidir leis d'iomchar. Sáthóchad-sa é nó is é an diabhal é, bead ag tabhairt do faid agus bheidh sé ag lorg: tabharfad oiread do is ná beidh aon chnáimhseán air. Sháthuigh siad iad féin an oiread san lé biadh is lé digh go rabhadar ag úirleacan, na rudaidhe salacha: phalcadar a ngoile. Do sháthuigh sé é féin an turus déidheannach go dtáinig masmas air, is ná fuil a thuilleadh fonn air: do mhaoluigh a mhian trí iomarca. Is fadó sháthuigh sé é féin díobh: thóg sé an oiread san nár fhan mian a thuilleadh aige.

sáthughadh: *f.* (*-uighthe*) sásadh, fóirlíonadh lé biadh etc. Ní hag ól a bhíodar, na craosairidhe, ach ghá sáthughadh féin gur thuiteadar in aon chúilín cnámh amháin: ghá líonadh féin gur thuiteadar ina meig mhairbh leis. Nách mór í a dhúil i ndigh tar éis a sháthuighthe ná bíonn sé sásta .i. d'iarraidh a thuilleadh d'íbhe is gan fonn ar chuige.

sáthuighthe: *a.r.* breis is sáisighthe, fóirlíonta. Ní bhuailfeadh sí a pus ar aon ruibe féir i rith an lae bhí sí sáthuighthe má bhí ainmhidhe riamh: fóirlíonta ina goile. D'itheas an iomad, táim sáthuighthe, a thuilleadh dúlach níl agam tar éis a bhfuil caithte agam. An dream a bhíos sáthuighthe ó ollmhaithistidhibh is beag ortha biadh dhuine bhoicht: a bhíos ag caitheamh togha tómhaltais de ghnáth. Muc sháthuighthe: go mbíonn a bolg lán ar fad.

scabháiste: *f.4.* sochar, brabúch, tairbhe, sluid. Nár chuiridh cuid na mbocht puinn scabháiste ar an gcamaire: nár tugaidh tairbhe dho. Dá mbeadh aon scabháiste ar siubhal beir leat go mbeadh an sanntach úd ar a thóir, má bheadh éinne: an brabúch a thairbheóchadh. Ní mór an scabháiste dhuit réal do chur ar dhaoinibh gabháil tríd chuid talmhan chun na sean-fhothraighe: fíor-bheagán tairbhe dhuit é: rud sprionnlaithe a bhaint amach. Bíonn a scabháiste féin ag ath-cheannuightheóir an éisc: gheibheann sé an áirighthe sin as a cheannach saor.

scabal: *f.1.* clúdach tanaidhe éadtrom, scaif, scaifléar, cumhdach. Amuigh ins na dúthaighibh teó ní fheaca ar mhuinntir na háite ach scabal tímcheall a sliast: stráice caol, tanaidhe, éadaigh. Chaith sí teicheadh as an dtigh nuair thóg sé teine, gan aniar uirthi ach scabal beag tímcheall a gualann: brat éadtrom, neamh-fhothaineamhail. Níl an diabhal scabail air, ní fheaca riamh chómh lom fé éadach é: droch-bhalcaisidhe maidir lé feabhas is nuadhacht. Cuir scabal éigin bairéid ar do cheann: saghas éigin a chúmhadóchadh é. Ní haon leanbh agam anois thu, is fadó d'imthigh do scabal baistidhe dhíot .i. ní indiu ná indé a imthighir ar fán ó ghrás Dé ar nós chách. Chonnac cois na teine ina suidhe iad ar fhéachaint tríd an bhfuinneóig, mar ná raibh uirthi ach scabal beag: scáth fhíneálta.

scabhat: *f.1.* ₇ *3.* scata, dream, díorma, tóir, uain mhór throm ag bualadh is ag aithfhilleadh. Bíonn scabhait mhóra chaorach is ghabhar aige ar thaobh an chnuic: scataidhe tréada. Is iongtach mar chuaidh na daoine siar, an scabhat mór leanbh a bhíodh ag teacht ar scoil as gach baile im óige-se, ní hionann agus anois: uimhir mhór. Idir mhullach an chnuic agus an t-oileán amuigh tagann an ghaoth nuair bhíonn sí ann ina scabhat gur dhóigh leat go séidfeadh sí an uile bhraon sáile aníos as an bhfarraige: sruth fhuinneamhail. D'iarraidh mo ghreama do choimeád ar an gcarraig do bhíos, agus

b'fhéidir go bhféadfainn sin mara mbeadh scabhat mór a árduigh chun siubhail me mar árdóchadh cosc: uain mhór fhuinneamhail, go raibh subh léi. Tháinig scabhat a scuab léi a raibh d'iasc ar an gcladach: uain thapaidh a thairng i ndiaidh a cúil amach go tolgach, láidir. Luigh na madraidhe go léir sa scabhat ar an ngirrfhiadh bocht: bhailigheadar go léir sa tóir air. Tabharfam scabhat ar an áit lá éigin agus ní feárrde é in ár ndiaidh: ruathar ina mbeidh fuadar, callán is gleódh againn. Nuair deineadh scabhat don uisce d'imthigh sé ina scabhat: slaod throm.

scabláil: *b.3.* útamáil, abláil, gíotáil, clúdach gan puinn cosanta. Bíonn sé ag scabláil oibre, ach sin a bhfuil ámhthach, ní mór é a shaothar: ag gíotáil: ag gabháil di gan puinn críche do chur uirthi. Caith scabláil éigin bídh chun an mhadra san is ná bíodh sé ag dul isteach id bhéal: ádhbhar éigin dá luighead é. Caith scabláil bheag éigin ar an móin nó fliuchfar an chruach: beagán éigin clúdaigh. Féach an bhfuil aon scabláil (tobac nó eile) ar thóin do phóca?: rianán: dríodar nó fuighleach. Éirigh as an gcathaoir, is gránda an scabláil atá déanta agat uirthi: obair neamhshlachtmhar.

scadán: *f.1.* iasc mara, gnáthuigheann sé an Atlantaic agus Muir na hAlmáine; gluaiseann ina thromráthannaibh; meas mór bídh air. Táim chómh cráidhte lé scadán indiu tá gach aon rud ag dul im choinnibh: an-chlipighthe. Bíonn tóir an domhain ag iascaibh eile ar an scadán is ní thugaid sos do, dá bhrigh sin an rádh – 'gheóbhair é mar a ndéineann an scadán a nead' .i. ní fios cá háit sa bhfarraige .i. cao bheag atá agat ar é d'fhagháil. Scadán gainimhe .i. spiairlint ghainimhe: déanamh eascún air is gob fada, geal ar nós an scadáin i ndath. Ar maidin bheifeá chómh marbh lé scadán ag an bhfuacht atá ann: reóidhte, gan aon chao ar theacht chugat féin. Tá an duine bocht chómh lag san ná tairngeóchadh sé scadán den ngríosaigh: breith is é do thógaint den dteine dá éadtroma de rud é. Ar an ocras a bhí orainne an uair úd ní raibh sa phúintín ime ach mar bheadh scadán idir chúigear .i. níor bh'fhada lé dul é. Sa bhfóghmhar bhíonn an scadán i saosúr. Seacht scadáin don mbradán: a dhóthain bídh. Beagán ar bheagán mar d'ith an cat an scadán .i. go réidh socair gan a luighead gleóidh. Chómh méith lé scadán fóghmhair: cothuighthe deaghbhlasta.

scadhrach: *a.* árd-ghlórach, garg-labhartha, callánach. Aon nath ní cuirtear i gcainnt scadhrach mar í sin, imthigheann sí siar síos des na daoinibh, níl innte ach gleódh báirseóireacht: árd-fhollamh-ghlórach. Ag déanamh amadáin scadhraigh díot féin ag síor-áiteamh i dtaobh poilitidheachta is cogaidh i ndearmhad do ghnótha féin: id cheap mhagaidh ag cainnt gan bhun.

scadhrach: *b.2.* baineannach béalscaoilteach, scailfhéitheanach nó árd, cnámhach. Aon rud eile ach béal na scadhraighe sin do tharrac orm, thairngeóchadh sí an tuile thar dhuine: na báirseóra: bean gan aon chuimse lé n-a teangain. Ar mh'anam féin, agus creid me leis, a dhuine mhuinnteardha, nár mhian liom dul i dtreis na scadhraighe, nách fios cad í an íde a thabharfadh sí orm: rúpach mhná: bean chnámhach, ghaibhdeach.

scafaire: *f.4.* duine éadtrom, ceólmhar, anamamhail, dána. Is mór an náire de scafaire fir mar thu ná beadh breis chéille agat is gan bheith ag súgradh lé leanbhaidhibh: atá i dtoirt is in aois fir. Aon nath ní bheadh ag an scafaire sin speal chruaidh oibre do dhéanamh:

buachaill cruaidh, anamamhail. Lém linn-se bhídís ina scafairibh fear sara bhfágaidís scoil: mór, groidhe. Ní mór ná ní lán-mhór an greim atá ag na scafairidhibh sin ar scillinge: fir óga go bhfuil croidhe fial chun caithte aca. Scafairidhe breághtha fear in ár n-arm anois: fir anamamhla mhisneamhla. Is mithid di bheith ina scafaire mná anois oireamhnach lé pósadh aon lá: fásta, fáiscighthe, láidir, déanta. D'éirigh scafaire eile amach agus d'órduigh bruighean ar aon fhear láithreach go raibh meas aige air féin: ógánach fuinneamhail, dána. Chaith na scafairidhe an oidhche lé ranngás i dTráighlí tar éis na himeartha, agus ní go ciúin é: buachaillidhe scléipe.

scafaireacht: *b.3.* teasbhach, anamamhlacht, beódhacht, bríoghmhaireacht, croidheamhlacht. B'fhearr stad is gan dul ró-fhada leis an scafaireacht, is fusa tuiteam ná éirghe: teasbhach is magadh. Baineadh smut den scafaireacht de, cheap sé go dtí san ná raibh éinne a áiteóchadh leis: den móiréis. Thug súd uaidh go raibh scafaireacht ina chnámhaibh: ar rith, léim, rámhaidheacht budh dheacair an ball do chur air: bríoghmhaireacht ina chnámhaibh. Lé scafaireacht a bhíonn sé chómh dána san ort, ní fonn easmailte a bhíonn air: chun seóidh gan díoghbháil. Dá mbeadh gan an oiread scafaireachta ina chroidhe bheadh an bannc lán d'airgead aige: croidhe mór. Braithim lán de scafaireacht indiu, tá gach aon chnámh im chorp chómh héadtrom lé sop: éadtromacht croidhe is anamamhlacht.

scafánta: *a. n-d.* croidheach, spirideamhail, lidhe, deaghchúmtha, scaoilte. An chuma scafánta atá air ní fuláir nó tá beart ann: ceólmhar, seólta, éascaidh. D'fhonn do thriall do shroichstint in am ní fuláir duit an bóthar do chur díot níos scafánta 'ná san, ní dhéanfaidh máingeáil an gnóth dhuit .i. cuma is crut gluaiste do chur ort féin. Spealadóiridhe chómh maith is bhí san Mumhain dob iad, budh scafánta iad a mbuillidhe: scuabach, cuamsach. B'shin é an fear scafánta ina óige dho: lúthmhar, fuinneamhail. Triúr d'fhearaibh chómh scafánta chun rámhaidheachta is shuidh i nadhbhóig riamh: rámhaidhthe go raibh scuabadh is cur chun cinn ina mbuillidhibh. D'fhéadfá bheith chómh láidir leis agus a dheallramh ort ach nílir chómh scafánta leis .i. cuma chómh lúthmhar, éascaidh ort.

scafántacht: *b.3.* luthmhaireacht, éascaidheacht, scaoilteacht. Á, mhuise, is ina ghéagaibh atá an scafántacht, is air nách mór an mhoill gníomh do dhéanamh: lúthmhar, tapaidh ina bheart. Fear láidir seadh é, ach ná fuil an scafántacht ann: éascaidheacht chun a nirt do chur i bhfeidhm. Dein lé scafántacht é má dhéinir in ao'chor é: tapamhlacht.

scagach: *a.* leathan ó chéile, leathadh, scarthach, ar uisce leigthe uaidh, polltach, fíneálta. Is scagach liom an siubhal atá aige chun a bheith ina chapall mhaith: bíonn a chosa ró-scartha ó chéile. Mála ró-scagach seadh é, gheóbhaidh an mion-ghráinne tríd: níl an fighe dlúith ann .i. na snáithínidhe scartha ó chéile. Doras scagach ní hiongadh siollaidhe gaoithe do bheith thríd: na cláracha ann gan bheith i dtadhall a chéile. Aon lámh ní dhéanfá choidhche air, tá do bhuillidhe ró-scagach: níl siad cruinn a ndóthain. Caipín scagach leathfaidh sé leis an bhfuacht: gan é bheith fighte go maith. Tá na tuigidhe dhá fhágaint ró-scagach agat ní bheidh an chliabh buan: ró-fhada ó n-a chéile. Budh dheacair don gcogadh do bheith níos scagaighe 'ná mar tá sé anois: níos scaipighthe in iliomad ball.

scagachán: *f.1.* stráinín, síothlán, criathar. Scagachán an-mhín, mion nár mhór duit chun bainne ná leigfeadh mír shalachair tríd: gléas nó fearas mogall chun gan rud dlúth ná neamhghlan do leigeant thríd.

scagadh: *f.* (*-gtha*) oscailt, leathadh ó chéile, do ghlanadh ó mhíribh salachair, uisce do scaoileadh d'aonnidh, scaradh, do shíolbhughadh ó. Is mór liom an scagadh cos atá aige, ní cómhartha capaill mhaith é: iad do scaradh ró-fhada ó chéile ag siubhal. Dhóigh is loisc é féin leis an uisce te ag scagadh na bprátaidhe: ag scaoileadh an uisce the dhíobh. Níor mhór oireamhaint éigin chun an ghrin do scagadh: criathar chun ná geóbhadh thríd ach na mionchlocha a bheadh in ionannas méid. Na prátaidhe ag scagadh ar an mbiordóig: ghá gcur uirthi chun an uisce do sheathlughadh dhíobh. Budh mhór an chuimhne scagadh an bhainne: an ionnramháil a scaras an t-uachtar ón leamhnacht gan leigeant do géarughadh. Rinne riaghaltas na Rúise scagadh ar an arm ar bhfagháil amach go raibh cuid des na hoifigidhibh ag déanamh ceannairce .i. baineadh a mbeart díobh is ruaigeadh iad. Bíd, na bochtáin, ar a ndícheall ag scagadh is ag scáineadh a gcíosa: ghá dhíol ina chuid is ina chuid. Níor mhór an coirce sin do scagadh tá an iomad salachair ann: do ghlanadh.

scagaim: *b.a.* leathaim, scaraim, glanaim, scaoilim nó cuirim trí chriathar, diúgaim. Ná scag na tuigidhe a thuilleadh nó ní bheidh an fighe chómh láidir: ná scar. Scag na prátaidhe, táid seic-bheirbhthe: scaoil an t-uisce dhíobh. Scag an gráinne tríot ladhrachaibh: scaoil é idir do mhéireanntaibh is coimeád pé salachar atá air. Budh chóir go mbeadh sé go maith, mar scagadh ó dhaoinibh maithe é: shíolbhuigh sé uatha. Dá scagfaí an scéal san, bheadh sé i bhfad níos fearr: é do ghlanadh is do cheartughadh. Scag an bhean a cosa an iomad: leath sí amach ró-mhór iad: cuireadh ó chrích í. Do scag sé an oiread san éithigh ná creidfeadh éinne faic anois uaidh: do sceilig sé: chuir as gan aon chuimse.

scagaire: *f.4.* gléas nó fearas chun scagtha; fear éithigh; árus go scaoiltear uisce ann de phrátaidhibh, etc. Dá dtabharthá cluas don scagaire sin bhainfeadh sé do mheabhair shaoghalta dhíot leis na scéaltaibh áidhbhéise a bhíonn aige: sceiligtheóir breágh. Pé scagaire a bheidh ar an saothar so tá súil agam ná beidh puinn duaidh air im diaidh: ceartuightheóir, meastóir.

scagaireacht: *b.3.* glanadh, scaoileadh, ceartóireacht. I dtigh an uachtair déintear scagaireacht ar an mbainne: scartar an t-uachtar uaidh lé gléasradh. Deinimíd scagaireacht ar an mbainne gan é bhreith go dtín uachtarlann: bainimíd an t-uachtar de. Níor thaithnigh sé liom ar chor ar bith go ndeárna an t-eagarthóir an oiread scagaireachta ar an leitir a chuireas chuige: coilleadh: an iomad do bhaint aiste. Ag scagaireacht na cré: ghá crothadh is ag bailiughadh fiadhaile is salachair aiste.

scagtha: *a.r.* síothluighthe, glanta, scartha, curtha trí chriathar nó stráinín neamh-fhuinnte; báidhteach bán, lom, cnaoidhte. Na prátaidhe scagtha (scaguighthe) .i. an t-uisce scaoilte, diúgtha dhíobh. Dá mbeadh an mhóin sin scagtha thriomóchadh sí níos fearr: bainte is druidte ó n-a chéile: scartha. Tá an lá scagtha breis .i. scamaill is báisteach imthighthe as an aer. Cliabh (biordóg, etc.) ró-scagtha seadh í ní fada fhanfaidh sí i

bhfochair a chéile: fighe neamh-dhlúith uirthi. Táir ró-scagtha id chuid cainnte: neamh-chruinn .i. gan na smaointe ag leanamhaint a chéile. Thárlaidh mo chosa ró-scagtha chun an ualaigh d'iomchar i gceart: ró-fhada ó chéile. Dá mbeadh an cháith scagtha ón gcoirce sin b'fhéidir é do thabhairt lé n-itheadh d'ainmhidhthibh: scartha. Ní cuirfí an leabhar i gclódh gan é do bheith scagtha, bhí tagartha ann nár thaithnigh leis an gcinnsire: rudaidhe neamh-thaithneamhach bheith bainte as. Ar an ndeallramh scagtha atá air ní féidir go bhfuil sé sláinteamhail: an chuma mhí-lítheach. Éadach gan aon tathnag ná tabharfaidh mórán triallach uaidh, mar tá sé scagtha, chidhfeá an ghaoth 'san ghrian tríd: na snáithínidhe ró-fhada ó chéile san bhfighe atá air.

scaibís: *b.2.* clamh, gearbacha, carra, tochas. Scaibís go dtagaidh ort (gráin): gearbha(cha) is tochas a leanas iad. Ná bíodh aon bhaint agat leis sin, tá sé ithte ag an scaibís: salachar cneasa is tochas.

scag-: *i gcfbh.* scartha, neamh-dhlúth, neamh-chruinn. Ba scag-adharcacha atá istigh i lár na dúthaighe féin úd dréir mar aithriseann lucht taistil: iad i bhfad ó chéile ina gceann. Capall scag-cosach ná féadfadh bheith ró-láidir: a chosa ró-fhada ó chéile ag siubhal do. Capall scag-dhromach .i. go mbeadh drom leathan aige. Is cuma liom cad chidhfinn, ach gan a dhranna scag-fhiaclach d'fheicsint .i. go mbeadh na fiacla scartha i bhfad ó chéile. Capaillín scag-earballach: scáinteach .i. gan puinn ruibidhe ann. Fear mór scag-ghuailneach .i. guailne móra, leathana aige. Ní bhfaghaim chun mo shástachta in ao'chor ag cainnt é tá sé ró-scag-labhartha: neamh-chruinn. Ná cuir chuige chómh scag-mhéireantach san nó imtheóchaidh sé tríd ladhrachaibh, tá sé ró-mhion, ró-mhín .i. na méireannta do chongbháil ró-scartha. Tá do chasúr ró-scag-ladhrach, ní bhéarfadh greim ar aon tairnge: an ladhar ró-oscailte ann. Droch-bhád chun farraige dhéanfaidh sí gach lá dá saoghal, tá sí scag-thosach .i. a tosach ró-leathan. Ní fheiceann tú aonnidh uait amach ar an bhfarraige ná fheicfeadh aon rud chómh scag-shúileach leat: neamh-chruinn. Ná hinnis faic do, tá sé scag-bhéalach: ró-chainnteach.

scáil: *b.2.* scáth, athsholas, gléas; samhladha, gósta; (*iol.*) na daoine maithe, néall (dath); gealas; léargas. An scáil atá ina chneas ní fhéadfadh gan bheith sláinteamhail: gléas, léargas datha. Ainmhidhthe go bhfuil scáil ina gcroiceann: chómh cothuighthe sin go rinnceann an solas ortha lé gléas: slíogach. Tá sé chómh caithte croithte sin tar éis a chuid breóidhteachta ná fuil ann ach scáil i mbuidéal: scáth: chómh scaguighthe sin go bhfeicfeá thríd nách mór. An scáil gheal atá sa bhfarraige ón ngréin taidhbhsigheann sí mar airgead leachta: samhlaidhe geala mar thiocfadh ó uachtar slíogtha, taobh buidéil, etc. Tá scáil ag biadh ann: taidhbhsigheann lasadh ina chneas. Clocha scáil: clocha gleóir. Scáil na gcaor ina leacain: dath dearg: luisne breágh. Abha an Scáil: baile in iarthar Chiarraighe: an arrachtaigh: na spiridídhe: an tsamhladha. Níl ann ach an scáil: scáth: an-chaithte. Bhí an iomad scáile ar an gcloich tar éis na ceatha: gealas: an solas a chaith sí uaithi fé thaithneamh gréine. Ní fheicim é ag scáil na gréine: an solas láidir a éirigheas uaithi.

scáile: *b.4.* giota, pioc, luid. Níl scáile bídh sa tigh: luid: faic in ao'chor. "Aon airgead agat?" – "cá bhfaghainn é? níl scáile": rian: tada: pinginn.

scáileach: *a.* gléasta, solasmhar, scáthmhar. Is í do leicne atá go scáileach: lonnardha: geal. Suidh in áit éigin scáiligh ón ngréin: go mbeidh scáth ort uaithe. Uisce scáileach: go bhfeicfeá go maith tríd. Ní fheadar cad é an saghas ceannaghtha atá aice mar bhí sí scáileach: rud éigin uirthi dhá scáthadh ó radharc. Na súile scáileacha atá aige chuirfidís scannradh ort: an radharc ar snámh ionta .i. mar bheadh uisce ortha: báidhteach.

scáileán: *f.1.* duine lom, caithte, néall éadtrom, scáth (gréine). Buail chughat scáileán ón mbáistigh sin: scáth lé hárdach os chionn dhuine. Cá mbeadh an neart sa scáileán san, ní mór ná go bhfeicfeá an ghaoth 'san ghrian tríd: séithleach lom duine.

scailéithean: (**scailéathan**) *f.1.* bladhgar, bladhmann, áidhbhéis áidhbhéil chainnte, mór-mhaoidheamh. Scailéithean! éist: tá do theanga rithte leat ar fad. Ar chualaís an scailéithean? cad nár dhein sé 'e bhreis ar éinne eile: maoidheamh mór ag cur a dhá oiread déag lé n-a ghníomharthaibh. Níl annsan ach scailéithean do, budh mhaith an rud céad púnt ar a mhéid do bheith aige in ionad na gcéadta go léir: áidhbhéis: áidhbhéil cainnte gan cur léi. Ná bí ag déanamh aon scailéithin ina thaobh ach má táir chun é do thabhairt uait, déin é, neachtreaca congaibh é: iomad molta. Is ortha bheidh an scailéithean má bhuadhaid: cainnt mhaoidhteach. Éist leis an gcraolachán na hoidhcheannta so, is cloisir scailéithean ó gach suidhe craolta i dtaobh a ngníomhartha cogaidh: maoidheamh as éachtaibh nách fiú trácht ortha. Sé a bhfuil de locht air an méid scailéithin a bhíos aige nuair bhíonn braon beag caithte aige: bladhgar: gaoth mhór: maoidheamh as cad a dhéanfadh sé dá mb'áil leis é. Níor chuala riamh é ach scéal scailéithin aige: scéal go mbeadh mórchuid curtha leis. Ní cás do scailéithean do bheith air tá a dhóthain aige: maoidheamh. Scailéithean is mó atá aige: árd-chainnt gan cur léi. Gheóbhair scailéithean go leór uaidh ach an diabhal faic eile: mórán cainnte, molta, maoidhte is díth bearta. Scailéithean scailéithin é sin, níl aon phioc de chrot na fírinne air: scéal gaoithe móire. Anois gur baineadh an bhéic sin as imtheóchaidh cuid den scailéithean: den bhladhgar. Ná bíodh aon eagla go mbeidh sé ag ceisneamh i dtaobh a bhfuil aige, is móide gur ag scailéithean a bheidh: ag cur leis.

scailéathanach: *a.* bladhgarach, maoidhteach, bladhmannach, áidhbhéiseach; árd-ghlórach. Ní hi gcómhnaidhe do chreidfinn é tá sé scailéathanach: ró-chlaon lé háidhbhéis: cur leis an méid a bhíos fíor. An toradh go léir a bhíonn ar a chuid talmhan, feabhas a thighe, an cumas is an t-ionmhas atá aige agus an teanga bhreágh scailéathanach: áidhbhéiseach: maoidhteach: ag suidheamh rud ná bíonn i gceist nó ann. Ní fheadraís céagaibh is scailéathanaighe, ní fheaca riamh dream is fearr chun iad féin do mholadh: is mó a leigeas lé nbhur gcuid gaoithe móire. Scéal scailéathanach atá agat, níor thárlaidh díreach a leath: go bhfuil mórchuid curtha leis. B'fheárrde thu do theanga do bheith níos neamh-scailéathanaighe: gan í bheith chómh tortamhail lé maoidheamh.

scailéathanaidhe: *f.4.* duine maoidhteach, bladhgaire, áidhbhéisidhe. An scailéathanaidhe sin a deir gur bhuaidh sé an rás so is an rás úd nár rith riamh: an té atá d'iarraidh a ghaiscidh do chur in iúil lé héitheach. Ná creid an scailéathanaidhe, níl leath an oiread san airgid aige: bladhgaire: duine gur seacht mhó an ainm 'ná an áirighthe aige. Féach anois ar thug sé an tréail uaidh a mhaoidheadh sé do thabharfadh sé, an scailéathanaidhe: fear gaoithe móire gan cur leis. Dá mbeadh scéal ó Thráighlí anoir, nó

gan a bheith féin, bheadh sé ag an scailéathanaidhe sin: bladhmannaire: duine go ritheann a theanga leis. Ní haon scailéathanaidhe mise agus ní dearbhtha adeirim go ndéanfad é ná nach ndéanfad: maoidhteóir. Éistidh leis an scailéathanaidhe!: an té go bhfuil fuadar maoidhte fé.

scáilidheacht: *b.3.* lasadh datha, néalmhaireacht. San spéir thiar bhí scáilidheacht dhearg ar cheasaibh na scamall is an ghrian ag dul fé: néal dhearg: na faobhair amuigh aca is dath éadtrom dearg ortha. Uisce dorcha atá ann, ní mór an scáilidheacht ann: solasmhaireacht: níl sé ró-ghleóir. Bheadh an doras i bhfad níos deise gan an scáilidheacht bhuidhe sin do bheith ina dhath: lí bheag, éadtrom. Ar thugais fé ndeara an scáilidheacht bhuidhe uaithne a thagas san bhfarraige sa gheimhreadh: iompuigheann a lí mar sin. Díreach is mé ag éirghe do thugas scáilidheacht an lae ar chúl an chnuic fé ndeara: breacarnach an lae: an lóchtaint go lag.

scailliún: *f.1.* saghas oiniúin, droch-phráta, duine neamh-maitheach. Níl ionta (oiniúin) fós ach scailliúin: rudaidhe ná bíonn fásta. Siad na prátaidhe seo na scailliúin uisceamhla: prátaidhe gan tairbhe. Nách é an scailliún é, a ndeárna sé comaoin d'éinne riamh: duine neamh-maitheach. Scailliún capaill: raga gan puinn nirt. Scailliún fir: fear árd gan puinn tathaigh. Sé a bhfuil de mhaith sa scailliún a n-itheann sé: duine fada, scagtha gan puinn anama ná teacht aniar.

scailp: *b.2.* fód agus a leanfadh de chré é, scraithín, clúdach, screamh, ualach, dlúimh. Ní fóid atá dhá bhaint agat ach scailpeacha: blúiridheacha móra d'uachtar na talmhan. Caith scailpeacha ar stáca, tá sé dhá fhuadach: scaithínidhe a bainfí lé sluasaid nó rainn. Luigh sé isteach fé scailp ón gcioth: clúdach nó cosaint mar dhéanfadh scéimh puirt. Budh dheacair d'éinne eolas do dhéanamh treasna an chnuic is an scailp cheóidh a bhí ann: brat trom, dlúith. Ní fuláir dom dul i gcómhairle dochtúra, tá scailp annsan ar mo chroidhe le laetheantaibh anois: rud éigin mar bheadh ina ualach. An méid a itheas tá sé ina scailp istigh orm: ina luighe ina ualach. Scailp ar a croidhe ó éag a haon leanbh ná himtheóchaidh faid bheidh deóir ina súil: brón trom. Thuit scailp cheóidh ortha is iad tamall maith ó thalamh ná feadair siad soir seachas siar: brat ina dhlúimh thruim, dhorcha. Go dtí go raghad fén scailp cuimhneóchad do ar an ndíochúis a rinne sé orm: go mbeidh clúdach na huagha orm. Cé tá i mbun na scailpe do choimeád ós a gcionn, anois go bhfuil fear an aráin do thuilleamh bailighthe leis: an tigh ós a gcionn: an tigh do choimeád i bhfóireamh a chéile. Scailpeacha brúscair dhá bhaint aige chun leasuighthe na talmhan: smuit thoirteamhla de thalamh go mbeadh mianach na móna ann. Codluighid i scailp i gcoinnibh na gclathach: saghas scairte. Nach daibhceach an scailp é, gan focal as dá mbeitheá d'iarraidh cainnte do bhaint go maidean as: dúr neamh-anamamhail. D'éirigh scailp ghránda, dhubh laistiar go raibh cuma dhiamhair ag teacht air, tuar droich-cheatha: dlúimh throm scamaill. Thugamair fé ndeara scailp ghaoithe ag cruinneáilt laisteas agus thugamair fén mbaile go géar láidir: bannc mór. Fuairtheas ina scailp sínte é: gan chor. Tá an chasachtach ina scailp ar a scartachaibh: luighte anuas ina brat trom. Níl aon scailp air, ní choimeádfadh sé aon rud ina rún: aon chlúdach ná cluthaireacht deiscréide. Ól é sin, bainfidh an scailp ded chroidhe: bíodhfaidh sé do spirid. Léim an girrfhiadh amach ó scailp: port a dhein díon do. Dhéanfadh sé an oiread glóir agus gleóidh go n-árdóchadh sé an scailp ded cheann: an pláitín: an clúdach anáirde. I mball

éigin i gCeann Sraithe tá scailp ag an sionnach: tuinn, pruais. Cad a bhí ag a bhfurmhór? cad d'fhéadfadh a bheith aca ach scailpeacha súghaidh, is an ghéirleanamhaint a bhí dhá déanamh ortha: botháin deataigh, shalacha.

scailpín: *b.4.* scailp bheag, botháinín. Tá scailpín ceóidh ar mhullach an tsléibhe: caipín. An t-aindeiseóir níl os a chionn ach scailpín .i. é do bheith ina chómhnaidhe i mbothán beag, cumhang. Cuir scailpín ar bharr an chlaidhe soir ar fad: fóid éadtroma.

scailpreach: *b.2.* áit lán de chréachtaibh, de charraigeachaibh. Sin é an áit bhocht chun ainmhidhe do chotháilt, scailpreach gan chroiceann gan féar: raingléis chloch, etc.

scáiltín: *f.4.* méisín bheag cruinn do cuirtear fé chupa. Scaoil scáiltín té chugham: braon maith.

scaimh: (**scamh**) *b.2.* deallramh goirgeach, drann, cuma mhío-chúmtha ar an mbéal, snaidhm bhéil, breall, smailc, grainnc. Chonnac go raibh drochfhuadar fén madra nuair chonnac scaimh ag teacht air agus chuadhas ar mo chosaint: scúigh sé a fhiacla is chrom ar dhrannghail, díreach mar bhíonn ar tí beartha ar dhuine. Is áidhbhéil an droch-aimsir atá ann lé coighcíos agus scaimh thiar anocht air chun a thuilleadh di: droch-chrot ceart. Cad tá air? tá sé ag cur scaimheanna air féin .i. snaidhmeanna, cumaidhe béil. Cuir scaimh ort féin chuige, ná teasbáin do go bhfuil aon eagla agat roimis: cuir cuma ghoirgeach, dhochaiseach ort a chuirfidh in iúil go bhfuil fonn gnímh ort. Go dtugaidh Dia ciall do, is mó an scaimh atá anois air i ndeireadh a shaoghail 'ná bhí i dtúis: an fonn. Nára imthighidh an scaimh díot (míchéadfadh), lé duine go mbíonn cuma ghoirgeach air nó ná bíonn fáth an tsuilt lé feicsint choidhche air. Cuir scaimh ort féin chuige: cuir cumaidhe mío-thaithneamha ar t'aghaidh tímcheall do bhéil chun scannruighthe do chur amach. Tá airgead aige siúd, sin é scaimh atá air .i. an chuma cheannaghtha go n-aithneófá an tsainnt ina chroidhe chuige. Ní fheaca riamh roime sin im shúilibh cinn é, agus ní maith liom a scaimh: an crot neamhthaithneamhach atá tímcheall a bhéil. Anois go bhfuil an ghannchúis tobac ann tá scaimh ar na daoinibh chuige, go raghaidís na mílte ó bhaile lé hionchas go bhfaghaidís cáithne: sainnt an domhain: dúil mhairbh. Tá scaimh istigh ina chroidhe aige dhom: díomas mór.

scaimheach: *a.* goirgeach, gruamdha i ndeallramh, olcmhar, drannach. Seachain thu féin ar an madra scaimheach san .i. go bhfuil a fhiacla scúighte aige mar bheadh ar tí beartha ar dhuine. Lá scaimheach nár mhór duit éadach cluthair: fuar, nimhneach. Is scaimhighe mór chun airgid é 'ná éinne go bhfuil aithne agam air: sainnteamhla.

scaimíneach: *f.1.* duine gioblach, suarach. Chuirfeadh an scaimíneach bocht ar crith thu lé n-a luime is a droch-chrot: scruitíneach, lom, gioblach. Chómh bocht anois do go bhfuil sé imthighthe ina scaimíneach gan luid air: an-shuarach, an-lom fé éadach.

scáine: *f.4.* scoilt, méiscre, créacht, cnag, éasc, snáithín, tadhall; aon rud caithte, lom. Cad imthigh ort, fear teann téagartha mar thu ná fuil ionat ach an scáine?: na snáithínidhe: séithleach gan feóil. Ní raibh ionam ach ar nós an scáine tar éis na breóidhteachta: caithte, lom, seirgthe: díreach chómh caol lé snáithín. An fhaill lán de scáintibh go dtéigheann mórán raice suas ionta: créachta, scoilteacha. Caithfear plána nuadh d'fhagháil don

bhfuinneóig tá scáinte sa cheann atá innte: cnagacha, éasca. Scáine de snáithín dubh: cuaille. Scáinidhe bána ina folt: ruibidhe liatha.

scáineach: *a.* créachtach, méiscreach, éascach, fánach, tadhallach. Féasóg scáineach air a thaidhbhsigh go hait: fánach, ruibe annso is annsúd. A folt scáineach léi go guailnibh: ina pléataidhibh. D'aithneófá gur iomdha sín feiscighthe ges na carraigeachaibh táid chómh scáineach san go raghadh do mhéireanta i gcréachtaibh ionta: scoilteach: lán de mhéiscridhibh, síon-chaithte.

scáineachán: *f.1.* duine caol, árd, lom. Scáineachán gur dhóigh leat go séidfeadh puth det anáil den dtalamh é: scruitíneach, caithte, seirgthe. Tá scáineachán déanta dhe, is dócha gur ocras is mó is bun leis: tá sé dulta chun seirgtheachta agus cnaoidhteachta.

scáinte: *a.r.* réabtha, scartha ó chéile, scoiltighthe, fánach, tanaidhe, caol, scannruighthe, eaglach, scagtha. Cómhachta scáinte atá ag lucht na hAisile in Afraice Thuaidh anois idir an Bhreatain, is maoidhid sin gur scáinte go mór treasa a gcóimhghleacaidhthe: fánach: cuid mhór fear caillte aca. Leis an aois anois tá gruaig mhullaigh mo chinn an-scáinte: fánach .i. ná fuil ann ach ruibe annso agus annsúd. Fás an-scáinte b'eadh an coirce sa chloigeann guirt sin: fánach .i. níor fhás sé tiugh. Géaga scáinte atá fé mar bhramach, ní dhéanfaidh sé capall láidir: caol, éadtrom. Ní fhéadfadh gan na fórsaidhe atá san ionad úd lé fada, gan aith-neartughadh ortha ar na hionnsaidhthibh troma atá déanta ortha, gan bheith scáinte go maith anois: tanuighthe, laguighthe. Budh ghleóidhte an cailín í mara mbeadh a fiacla scáinte: beárnaidhe ina cír. Druid isteach ina measc, an náire atá ort? nách scáinte rómpa ataoi: eaglach. Is ait an rud é, ach braithim an-scáinte i láthair an mhairbh: eaglach, faitchíosach. An lá phós sé in ionad é do bheith áthasach is amhlaidh a bhí sé scáinte támáilte: cúthail. Truagh mhór é, scoithte scáinte ag an saoghal: tuirsighthe, tugtha. Seadh déarfá go mbíonn fuinneamh is scrios i bpléascán nuair a chidhfeá tighthe is sráideanna scáinte aca: réabtha, leagtha.

scáinteach: *a.* réabthach, scaipightheach; pléatach, eaglach, támáilteach, dlaoitheach, táthach. Folt breágh scáinteach ag gluaiseacht léi go taithneamhach: dlaoithe néamhracha, fada. Ionnsaidhthe scáinteacha: a réabas gach nidh rómpa. Budh cheart clúid éigin níos cluthara 'ná an tseanchasóg san do chur ort, duine scáinteach mar thú ná féadann a cheann do chur thar doras gan slaghdán do theacht air: tanaidhe neamh-fhuilngtheach. Leanbh ró-scáinteach seadh é, ní raghadh sé in aon ghiorracht do dhuine iasachta .i. go mbíonn támáilteacht air. Táir gabhtha ró-scáinteach don lá gránda duibheaca so: éadach ró-éadtrom, ró-thanaidhe ort.

scáinteacht: *b.3.* támáilteacht; faitchíos; fánaidheacht. Bheadh scáinteacht orm labhairt leis níl aon aithne agam air: faitchíos: cúthaileacht. Ná bíodh aon scáinteacht ort roimis, ní bhainfidh sé greim asat: aon fhaitchíos dul ina threó. Aon scáinteacht ní bheadh orm dul ar an bhfarraige ach ar mh'anam go mbeadh scáinteacht orm bheith amuigh ist oidhche im aonar: faitchíos. Sé an locht a bhí aice air scáinteacht an phlaoisc: fánaidheacht na gruaige ar a cheann. Thréig an síol ina fhurmhór, bhí a rian air bhí scáinteacht agam: léasacha (coirce etc.) annso is annsúd.

scaipeadh: *f.* (*-pthe*) fánaidheacht, leathadh, scaradh, ruagadh, spréidheadh. Ar theacht don Earrach maoidheann an Ghearmáin go gcuirfidh scaipeadh na mion-éan ar threasaibh na Rúise: ruagadh soir siar. Is olc an diabhal lae é, níl aon scaipeadh ag dul air: leaghadh: an bháisteach ná na scamaill ag imtheacht as an spéir. Is fada, fairsing an scaipeadh a chuaidh ar chlannaibh Gaedheal, níl cúinne den ndomhan ná go bhfaghfá éan díobh ann. Is ait agus is lán-ait an tigh é seo gan críochnughadh ná cur chun cinn i neach ann, an scaipeadh ag dul ar a bhfuil aca os chómhair a súl amach: nidhthe ag leaghadh; ag imtheacht amugha. Cuirfear an scaipeadh ar shlóightibh na Rúise maoidheann an craolachán ón Almáin ar theacht an Earraigh ionnas ná beidh treóir ná cumhdach ortha: scarfar ó chéile iad is ruaigfear san uile áird. Déarfainn go bhfuil sé de chuma air go raghaidh scaipeadh ar an lá: go nglanfaidh an spéir: go raghaidh scartadh air. Thug sé scaipeadh dá chuid airgid: chaith sé é go rabairneach nó go hamadantamhail. Dá bhfiarfuighteá dhíom-sa, táim deimhnighthe go bhfuil scaipeadh ag dul ar do mheabhair: go bhfuilir ag dul ar seachrán incheann. Nuair bhead bhur lorg anois ná bíodh aon scaipeadh oraibh: sibh do bheith deighilte ó chéile: duine annso is duine annsúd. Scaipeadh clainne an mhadra go dtéigheadh ortha: duine annso is duine annsúd i bhfad ó choimhdeacht a chéile. An ndéarfá go bhfuil scaipeadh air siúd, go minic déineann sé rudaidhe aite: ceal a mheabhrach i gceart. Scaipeadh chlainne Mhóire do sheól an cat fé dhraoidheacht: scaipeadh gan fagháil choidhche. Is mó a scaipeadh ná a chnuasach: is mó chaitheann sé 'ná bhailigheann sé. Níl aon scaipeadh dulta fós air: níor árduigh an lá (aimsir). Is conntabharthach an aicíd í, tá sí ag scaipeadh d'aindeóin na ndochtúiridhe: ag leathanughadh ameasc na ndaoine. Dá dtabharfaí an scaipeadh ceart ar an airgead ameasc na ndaoine bhuailfeadh ádhbhar gach nduine: riar. Díreach agus an pobal ag scaipeadh: ag fágaint tighe an aifrinn. Is iomdha lá agus oidhche go mbeidh scaipeadh ar do bhrón, mar is mór an phudhair atá caillte agat: go mbeidh a chuimhne ag imtheacht uait. Leig dom anois agus ná treasuigh orm, ná cuir aon scaipeadh ar mo mheabhair: ná cuir amugha ar mo smaointibh me. An té go mbíonn air muirear a thógaint i mbothán bocht is do is eól go mbíonn scaipeadh meabhrach ann: suathadh aigne. Ná déin scaipeadh ar an airgead san: ná caith é ach mar is lugha is gann duit. Gheibheann cruinniughadh cumhang scaipeadh fairsing: an rud a bhailightear go bocht imthigheann go holc, nó an rud do chruinnigheann an cníopaire caitheann an rábaire. Tugaim fé ndeara scaipeadh ar an gcnapán tar éis na hoidhche: laigheadughadh, trághadh. Tá a neart gan scaipeadh fós aige: aon lagughadh. D'imthigh scaipeadh na cáithe ar a raibh aige. Ag scaipeadh déirce ameasc na mbocht: ag riar. Má tá oighear a bhailighthe ann (airgead etc.) tá oighear a scaipighthe: is maith an feithmheóir ar a thuarastal é: ní túisce tuillte aige é 'ná caithte. Ná leig aon scaipeadh ar do ladhairín phingnidhe anois, bí ciallmhar: bí baileach. B'fhéidir go ndéanfaimís an talamh amach anois, tá breis scaipthe ar an gceódh: é éadtromuighthe. Fear scaipighthe céadta: duine a chaitheas an t-aimeón nó a riarfadh é go rabairneach. Is mór an scaipeadh chuaidh ar an iasc daradha ó tháinig na trollairidhe iasachta ag scríobadh na mbannc: fán.

scaipim: *b.a. 7 n-a.* spréidhim, ruaigim, cuirim an fán ar, caithim, leathaim. Ná scaip do chuid go luath san lá: bí greamuightheach ar do chuid airgid. Do scaip an scéal ó bhéal béal go raibh ar fuaid na dúthaighe i ngiorracht aimsire: do leath. Nuair buaileadh a bhéal fén mála scaip an t-airgead feadh na conntabharthach: d'imthigh sé go fánach ar a fuaid. Scaip do chosa ó chéile: scar. A leithéid eile lé caitheamh ní raibh annso scaip sé an tigh

ortha: leaghaidh sé: chaith sé go hamadántamhail, neamh-thairbheach, go boigéiseach: bhain sé deatach as. Scaipidh, táthar chughaibh: imthighidh ó chéile, i malairt treó gach éinne. Braon de seo an buachaill a scaipfeadh an brón ded chroidhe: ruaigfeadh, spréidhfeadh. Scaip an t-uisce coisreac orainn: croith é. Ná scaip na leitreacha san fén úrlár: ná fánuigh ó chéile iad, ceann annso is ceann annsúd. Scailp throm ceóidh chómh tiugh, dlúith sin gur dhóigh leat ná scaipfeadh sí choidhche: spréidhfeadh, leaghfadh. Mara stadair ded threasnaghail is ded cham-cheisteannaibh scaipfir mo mheabhair shaoghalta: bainfir an méid céille atá agam díom. Má scaipeann droichscéalta mar sin ort, ní fearrde do chlú é: leathann: imthigheann ameasc daoine. Má bhíonn aon bhraon anuas in ao'chor ann scaipeann an fliuchra fén adhmad: leathann, imthigheann thríd (fé), mall nó tapaidh. An méid do shaothruigh do scaip .i. chaith gan deallramh. Scaipeadar lé gaoith a raibh aca: chaitheadar é gan aon fhéachaint rómpa. Má bhír ag priocaireacht ar an dteine scaipfir í: cuirfir soir siar í is laitfir. Tháinig néall air le meisce is scaip a raibh sa trucaill ar fuaid an bhóthair: rúid soir siar ó dheas is ó thuaidh. Scaipfidh an tinneas fém bhallaibh ar fad is baoghal liom: raghaidh ó cheann ceann aca. "Tá ceódh ag tuiteam ón spéir ann ná scaipeann le gréin ná lá": ná leaghann, imthigheann. Chuaidh de a dhéanamh amach cá raibh sé, scaip a chiall ar fad air: chuaidh sí ar fán: ní fhéadfadh sé a mheabhair do choimeád i bhfóireamh a chéile. Scaip an ghaoth toradh an chrainn: chuir lé neart annso is annsúd é. Tháinig na gárdaidhe is scaipeadar an cruinniughadh: chuireadar as an áit an dream a bhí bailighthe ann. Do scaip an grán ar fuaid an fhalla: bhuail sé mórán ball air, i bhfad ó chéile. Scaip na caoirigh ós na buaibh: deighil uatha iad.

scaipire: *f.4.* duine a scaipeas, a leathas, a chaitheas go fuidheach, a ruaigeas. Scaipire ró-mhór seadh é níl aon ghnóth d'airgead aige: duine a scaoileas uaidh ar chéad cuma é, gan aon ghreim aige air. Bheadh scéal deas (leamhas) ag an scaipire i gcómhnaidhe: aithrisidhe. Lé scaipire síl a cuireadh na teornapaidhe: fearas a leathas iad.

scaipthe: (**scaipithe, scaipighthe**) *a.r.* ruaigthe, caithte, fánuighthe, leathta. Bailigh na cártaidhe táid scaipthe fén mbórd: caithte thall 'sabhfus. Um an dtaca san do bhíomair scaipthe ón gcuid eile is gan aon radharc againn ortha: deighilte. Ní heól dom cad tá dhá dhéanamh agam. Tá mo mheabhair scaipthe orm .i. nílim i ndán mo smaointe do chur i bhfóireamh a chéile. Táimíd mar tréad scaipthe anois, níl fagháil thoir ná thiar orainn: imthighthe nó curtha ar fán ó chéile go fairsing. Níl láthair na dtighthe féin anois ann ná go bhfuil scaipthe: gan a rian fágtha ann. Ní fheicim in ao'chor anois iad, táid scaipthe orm: fánuighthe as mo radharc. Buidheachas mór do Dhia go bhfuil an bhreóidhteacht scaipthe ós na daoinibh: bailighthe léi. Tá an scéal scaipthe fén ndúthaigh anois, is deacair cosc do chur leis: imthighthe: leathanuighthe. Dá mbeadh an brón scaipthe dá chroidhe bheadh suaimhneas aige: imthighthe. Caitheann duine stad nuair bhíonn deireadh scaipthe aige: caithte. Is deacair do Shasana a himpireacht, atá chómh scaipthe agus atá, do chosaint: a cómhchoda chómh fada san ó chéile. Ní fheadraís cá dtiocfá ar an iasc, tá sé chómh scaipthe sin fén bhfarraige: é imthighthe ina ráthannaibh beaga i ngach áird. Beidh obair mhaith aige cuid mhór dá fhiachaibh do bhailiughadh, táid an-scaipthe: ar dhaoinibh atá i bhfad ó chéile. Táir ró-scaipthe, machtnuigh níos fearr: do labhartha lán de neamh-chruinneas .i. is deacair an nidh atá ar siubhal agat do thabhairt chun cruinnis: tuigsint do bhaint as. An iothla go léir scaipthe ag an ngála: fuaduighthe.

scaiptheach: (**scaipitheach, scaipightheach**) *a.* caithteach, laimhthighiseach, ró-rabairneach. Is beag é a ghnóth súd ar bhóthar fhada, duine ró-scaiptheach, málaidhe airgid nár mhór do: caithteach: gan aon chruinneas ann. Ná bí ró-scaiptheach i dtaobh éadaigh: ag tabhairt an oiread san airgid air is nách gábhadh. Táid an-scaiptheach fén mbiadh don té a gheóbhadh chúcha: raidhseach, rabairneach. Saoghal an-scaiptheach atá ges na daoinibh: caithid mór-chuid ar rudaidhibh ná bíonn gábhadh leó. Caithfidh sí srian do chur léi féin, tá lámh ró-scaiptheach aice .i. tugann sí an iomad uaithi léi. Bheadh airgead gen-a leithéid, ní duine scaiptheach é: a chaitheas a chuid ar bóiléagar ná go neamhthuiseach. Chómh neamh-scaiptheach agus bhuailfeadh leat i rith an lae .i. ná scaoileann uaidh a chuid airgid gan chúis mhaith: greamuightheach ar a chuid. Bír ró-scaiptheach léd chuid leabhar, a rian ort, beir dhá gceal: claon lé n-a dtabhairt do shíol Éabha is Ádhaimh.

scaiptheacht: (**scaipitheacht, scaipightheacht**) *b.3.* rabairneacht, raidhse, laimhthighiseacht, mór-chaitheamh, neamh-chruinneas; deighilt; fánaidheacht. Ar mo chroidhe díchill do dhéanamh, agus tusa maidir liom, ní fhéadfainn m'fhiacha do bhailiughadh, táid chómh scaiptheacht san: go fairsing ar fuaid an cheanntair. Ní bhrisfidh sé é féin in ao'chor, níl a lámh chómh scaiptheacht san: láimhtighiseach, rabairneach. Is maith an rud cuid ach gan bheith ró-scaiptheacht: caithteach: ag caitheamh gan chuimse, gan chiall. Ní lé n-a scaiptheacht é ná fuil airgead aige: laimhthighiseacht: rabairne.

scaiptheóir: (**scaipitheóir, scaipightheóir**) *b.3.* an té nó an rud a scaipeas; caithteóir; duine a scaras lé n-a chuid go boigéiseach. Scaiptheóir an cheóidh an ghaoth: an rud a leaghas í nó a chuireas an ruaig uirthi. Níl ionat ach scaiptheóir aimsire: duine a chaitheas í gan faic do dhéanamh. Scaiptheóir diabhail dob eadh a gheóbhad trí bhannc is é do bheith aige: duine a thugas gaoth dá mhaoin. Scaiptheóir féir: sás nó gléas chun féir tirim do leathadh amach ar an dtalamh.

scairbh: *b.2.* dream méiscreach carraige i ngiorracht d'uachtar an uisce. Cósta conntabharthach é siúd nách fuláir fanacht árd chun na farraige uaidh, scairbheacha go flúirseach ann. Fan ón scairbh: rinn charraige ag rith amach ón dtalamh fé loch.

scairbhe: *b.4.* (**scairbheacht** *b.3.*) cruadhacht, daingneacht, neart. Go haon chnámh leis sin ar nós an iarainn, beir leat go bhfuil scairbhe ann: cruadhacht agus neart. Ní dhéanfadh órd ná eile lámh uirthi mar chloich lé n-a scairbhe: cruadhacht is righneacht. Dá mbeadh an scairbhe ionat, a rud leice, d'fhuilngeófá an fuacht beag so: an chruadhacht agus an righneacht.

scairbhín: *f.4.* an coighcíos deireannach d'Abrán is an chéad choighcíos de Bhealtaine. Ní chuirfidh an scairbhín de .i. gheóbhaidh sé bás leis an bhfuacht a bhíos ann an tráth san. "Scairbhín na gcuach, garbh é is fuar". Níor imthigh an scairbhín fós, deirtear so nuair bítear ag cainnt ar an aimsir bhreágh bheith ag teacht.

scáird: *b.2.* eagla, féachaint scannruighthe; streall; streallán; taoscán. Chuir imtheachta áidhbhéile na hoidhche scáird ina shúilibh nár fhág riamh í, chúbfá roimpe: féachaint árd,

scannruighthe. Tháinig scáird ar an dtábhairneóir nuair buaileadh an doras go grod is scata istigh aige thar tráth: scannradh go raibh beartha air. Taidhbhsigheann sé go bhfuil scaipeadh ar a mheabhair ar an scáird atá ina shúilibh: seasamh ina radharc. Ná glacadh aon scáird thu roimis, is scailéathan ar fad atá aige: ná cuireadh a chuid gaoithe móire eagla ort. Ní fuláir nó bhí scáird airgid aige ar a chaithtighe atá sé is ná fuil gabhtha thríd go léir fós aige: an scannradh: cuid mhór, ghroidhe. Scaoil amach scáird den leann dubh san chugham, tá íota orm: taoscán maith mór. Tá sí (an deoch) ag teacht ina scáird, ní hólfar a leath: ina slaod. Na scáirdeacha fola a tháinig as a chois shaoileas go silfeadh a raibh ina chroidhe dhi: streallanna móra, troma.

scáirdeach: *a.* streallach, eaglach. Tá gearradh scáirdeach ina chois: an fhuil ag teacht ina streallaibh. Thug sé an oidhche go scáirdeach as a ghoile: ag úirleacan. An seasamh scáirdeach atá ina radharc ón oidhche a ghaibh sé thríd an anaithe: cuma fhiadhain, eaglach.

scáirdeach: *b.2.* úirleacan, fuil nó lacht ag teacht ina streallaibh, streall. Caith orainn scáirdeach den leann dubh san: scaoil orainn taoscán di. Ní fhéachfainn air ach oiread is d'fhéachainn ar scáirdigh mhadra: úirleacan .i. cuireann sé déistinn orm.

scáirdim: *b.a.* streallaim, séidim, teannaim. Scáird an t-uisce seo isteach fé dhuilleógaibh do shúl, déanfaidh maitheas dóibh: streall nó séid isteach é lé fearas. Scáird uisce ar na bláthannaibh lé maolughadh an tráthnóna, déanfaidh sé fionnfhuaradh ortha tar éis teasa an lae: leath ortha é. Fiche uair ist oidhche do scáird an fear bocht, níl aon ghreim ar a chuid uisce aige: mhúin sé. Tá na bróga so orm cómh dona briste sin go scáirdfidís uisce suas sa súilibh ort: streallfaidís.

scairt: *b.2.* uaimh, dídean, áit fhothaineamhail, chosanta; ucht, an chliabh, scamhóg, neart cainnte; uchtach; glór. An gcloiseann sibh an glór láidir sin? cé déarfadh anois go bhfuil faic as an slighe ar na scartachaibh aige: ar na ballaibh a thairngeas an anál. Níl sé de scairt ann é do dhéanamh, duine meathta é: de mheisneach. Is maith an scairt atá aige fós dá gcloisfeá ag tabhairt órduighthe uaidh é: béic. Nách breágh í an scairt atá aige ag tabhairt seanmóna uaidh: an t-uchtach: guth chómhachtach. Ní raibh scairt ná scailp ann go luighfeadh duine isteach fúithi ón sín, ach í ghár léasadh go feannaideach: fothain .i. gleann, carraig, claidhe, etc. etc. Is iomdha rud ar mo scairt-se i ngan fhios d'éinne: brón, cúis dhuaircis. Greadadh trí lár do scart, cad tháinig ort is a leithéid do dhéanamh ort féin nó an bhfuil do chiall scaipighthe? .i. ní haon díoghbháil a bhfuil éirighthe dhuit tríd chionntaibh féin. Luigh an té te ar mo scairt ag gabháil síos di: do loisc sí laistigh me. B'éigean do dul 'on Eilbhéis lé n-a scartachaibh, bhíodar ag tréigean air: a scamhóga. Maidir leis an áit chómhnaidhthe atá aca níl ann ach sean-bhothán salach, fliuch, gur measa é 'ná scairt: poll amuigh fén spéir. Ní har a dhícheallacht a bheidh an locht, mar beidh sé aige siúd má bhíonn lé fagháil fé chloich ná fé scairt .i. i bpoll nó i bpóirse. Leig sé scairt orm, stad a thóg os chionn talmhan me nách mór: béic go raibh fuinneamh léi is órdughadh. Ins an leirg charraigeach úd is iomdha scairt ag an sionnach, ní bheidh sé chómh furaiste sin a mhúscailt: tuinn, pruais: áit chun foluighthe. Níor bh'fhéidir me d'fhagháil in aon bhall dá dhéine an tóir orm, bhíos i scairt dhaingin, chluthair fén dtalamh: áit fholuighthe a taighdeadh amach. Sa deireadh tá suaimhneas ón saoghal so

aige, tá sé fé scairt againn: adhlactha. Ar maidin d'éirigh sé amach as scairt éigin fén sráid: poll mar a raibh fothain ón oidhche aige. Gan scairt os do chionn, a chladhaire, ní ró-mhaith an sás amuigh ná i mbaile thu: gan tigh gan fothain go rabhair. Lé duine a bheadh salach nó ná beadh aon an-chrot gléasta air déarfaí, "an ó scairt a éirigh san?" .i. ní bheadh de chlódh air gur as áit chómhnaidhthe go mbeadh slacht is glanchar ann. An chuma a chaitheann san airgead leis gach aon bhod an bhóthair a bhuaileas uime gheóbhadh sí isteach tríd scairt: ghoilfeadh sé ró-mhór ort. Óm scairt amach, bíodh sé agat: óm chroidhe.

scairt: *b.2.* glaodh, béic. Leig scairt air, teicheadh sé an scabhat farraige sin: béic air in árd do chinn is do ghotha go bhfuil an tóir chuige. Nuair buaileadh é leig sé scairt nimhe a gheóbhadh siar 'saniar tríd cheann: béic uathbhásach mar bheadh lé ríog tinnis: liach. An scairt bhreágh gháire leig (dhein) sé fútha, an tslighe do bhuail sé bob ortha: pléascadh mór, sultmhar. Scairt chaointe ort (mallacht): caoineadh os chionn do mhairbh. I lár is i gciúnas na hoidhche tamall maith ó thigh is ó threabh thóg an scairt gháiridhe ó thalamh me: pléascadh trom, obann. Leig scairt eile fúm-sa is féach cad dhéanfad leat?: gáire mór magaidh. Bhuail sé amach is gach aon scairt gháire aige, is do nár bh'iongadh tar éis an tsásaimh a bhí fachta aige: trithghil árd-ghlórach gháiridhe. Mara bhfuil scairt ag an bhfarraige indiu ní lá fós é: glór is béiceach fhiadhain.

scairteach: *a.* gleódhach, béiceach, callánach. Ar an rás bhí lucht cleas is lucht geall ag glaodhach go scairteach ná bainfí brigh ná tuigsint as a ngleódh: go hárd-ghlórach. Bhailigh sluagh scairteach tímcheall an tsiopa ar lorg phlúir gur bh'éigean na dóirse do dhúnadh is glaodhach ar na gárdaidhibh chun a scaipthe leis an oiread san clampair is gleóidh: béiceach is suathadh.

scairteacht: *b.3.* béiceach, glaodhach géibhinneach. Lé pian is tinneas níor stad sé de scairteacht i rith na hoidhche, nár bh'é an truagh é: de bhéicigh. Chómh luath is láithrigh an taoiseach ar an árdán d'éirigh scairteacht ón sluagh airm nár éist go ceann i bhfad: béic fhada. Bíodh na tíortha ag scairteacht ar a chéile anois chun cabhartha: ag éigheamh.

scairteamhail: *a.* callánach, gleódhach, béiceach; bríoghmhar, gníomhach. Na sluaighte go scairteamhail ar lorg thobac, cé chréidfeadh go raibh an oiread dúlach ges na daoinibh ann: gleódh is sians aca ghá lorg. Caithfir clódh níos scairteamhla 'ná san do chur ort féin chun oibre is gan bheith ar nós an tslimide: cuma an ghnímh do chur ort féin.

scairteóir: *f.3.* duine a éigheas ós árd, a gháireas; callaire. Sé an scairteóir cloigín atá sa Daingean anois .i. a gheibheas tímcheall an bhaile lé clog ag fógairt aontaighe, nidhthe a caillteár nó a théigheas amugha, etc. Scairteóiridhe iad san gur beag an chúis mhagaidh a bhíos uatha: lucht magaidh is gáiridhe geala.

scairt-ghealach: *b.2.* ré lán gan scamall. Oidhche scairt-ghealaighe go bhfeicfeá an frighe do bhaint budh chosamhail lé talamh fé dhraoidheacht com an chnuic uaim sall, agus stadas dá amharc is dá machtnamh.

scairtim: *b.a. 7 n-a.* béicim, glaodhaim, liúghaim, scréachaim, gairim go croidheach. In ainm Dé, scairt air fanacht ón áit diabhail sin, tá cuan a mharbhtha ann: glaoidh nó béic air i slighe is go mbeidh a fhios aige go bhfuil gábhadh leis. Ná scairt choidhche airís orm-sa fanacht leat ná teachtaireacht do dhéanamh duit: ná glaoidh orm stad. Scairteas ar an nguthadán dachad uair, ach ní cualathas ar an gceann eile me: bhéiceas: ghlaodhas ós árd. Chómh luath agus fuair an dá chabhlach radharc ar a chéile dhruideadar i gcómhgar go luath láidir agus do scairt na gunnaidhe móra, go raibh teine chroidhearg agus dlúimh dheataigh os chionn na mara: bhéiceadar: líon an spéir dá gcnagairt. Ní túisce a fuair an dá mhadra uilc amharc ar a chéile 'ná gur scairteadar chun comhraic: leigeadar glam asta. Féach anois, dá dtógthá-sa cómhairle an té a bheadh ar mhaithe leat ní scairtfeá fén aindeiseóir sin, is mó de naoidhe truaigh é 'ná de naoidhe magaidh: ní ghóirfeá: ní dhéanfá fonmhód. Ná scairt ar gol chómh héascaidh sin: ná bris: ná pléasc. Scairtfead ar mo mháthair mara leigir dhom: leigfead béic uirthi a thairngeóchaidh a haghaidh ort. Ná hinnstear in ao'chor di é, scairtfeadh sí ar chaoineadh, is shilfeadh sí gach aon deóir ina súil: bhéicfeadh sí: d'éighfeadh sí lé brón. Scartfaidh an lá; do scairt an coileach: árdóchaidh (imtheóchaidh an smúit, báisteach, etc. as an spéir); do ghlaoidh an coileach. Ní mór go raibh fuinneóga an lae i gceart ann gur scairt an fhuiseóg: gur chrom sí ar labhairt. Do scairteadar a mbeannacht is a slán liom ó bhéal an dorais: d'éigheadar, "go n-éirighidh leat", etc. etc. Shaoileas go loiscfeadh nó go n-oscladh an talamh fém bhonnaibh an tslighe do scairt sí mallachta anuas i gcródh an chinn orm: gach aon scread aice ag tabhairt oirbhre dhom.

scaitín: *f.4.* toirín sceiche gile, doire bheag, drischoill; fothain bheag. Duine iasachta, ná fiafruigh díom cad as é, mar ná feadar, a dhein scaitín annsan do féin mar a bhfeicir an poll sa tsean-shaoghal: áit bheag longuighthe. Ar thaobh na láimhe clé nuair chuirfeá an geata isteach díot tá scaitín go bhféadfá dul i bhfolach ann: mothar crann, sceach etc.

scaith-mhear: *a.* an-mhear, cliste, éascaidh. Ní puinn natha dá méireanntaibh scaith-mheara súd stoca do chnotáil: éascaidh, luath, tapaidh, tric.

scal: *f.1.* ríodhg, freang, daigh obann, splannc, buille obann; néall. Tháinig scal gréine tar éis an cheatha is chidhfeá deatach ag éirghe as an dtalamh lé teas ceart: gal láidir gréine. An scal atá im cheann ní thugann sé aon fhaoiseamh dom: pléascadh tinnis. Rith scal óm mhéir go huilinn tríom nuair sáthadh an tsnáthad ionam: ríodhg tinneasach. Scal teine féd chorcán anois, nách fada bheidh ag beirbhiughadh pé rud atá ann: bladhm go bhfuil teas ann. Tabhair scal don dteine dhuit féin, táir as an sileadh: téidheamh: greas teasa. Fuair sé scal gréine sa tíorthaibh teó soir, ní raibh sé sa mhaith chéadna ó shoin: béim a bhasc é. Ní fhoidhneóchad-sa aon scál eile teangan uait-se faid bhead ag obair duit, ná tuig gur féidir leat me do phasáilt féd chosaibh ar gach aidhm a thagas id cheann cipín: ionnsaidhe: íde. Ní fuláir nó bhuail an splannc i bhfoigse ar an scal tóirnighe a lean é: pléascarnach. Caith uait an leabhar, déin an té, tá an t-uisce seo ar na scalaibh: ag geir(e)-fhliuchaidh. Ná leigidh oraibh go bhfeicfidh sibh é, tá sé ar na scálaibh chun bruighne is níl uaidh ach gaoth an fhocail: ar dearg-fhliuchaidh chun troda. Rith scal tríom órdóig ó chlipe an fíogaigh: freang tinnis.

scála: *f.4.* cupa, corn, cuach, bolla; ceann den mhéis bhig chun earra do thómhas ar mheádh; an mheádh féin. Is ag an té a bhíos ag déanamh ar an scála gach aon lá gurb eól do a dheacracht maireachtaint fé láthair .i. ag ceannach i siopa. Cuir sa scála é: meáidh é. Fear an scála a inneósadh duit é: an té a bheadh ag díol leat a luigheas ar an sparán agat. Ná bac bheith ag déanamh ar an scála ró-mhinic .i. ag ceannach: budh cheart an méid is féidir do bhaint as an dtalamh. Á, a Dhia, mhuise, níor bhochtnuigh sé é féin, chuir sé i súil an scála go maith é: aon ruainne breise níor thug thar an dtómhas uaidh: meádhadh go beacht é. Fuairis tómhas gan scála uaidh: breis agus do cheart. Ní har aon scála amháin den lionn d'fhan an barránach so atá ag tabhairt dhá thaoibh an bhóthair isteach: cuach nó gloinne. An iomad scálaidhe a bhí thiar aige go raibh an scailéathan go léir air: ciotaidhe: breis is a choisce árus dighe.

scallach: *a.* maol, gan chlúmh, gan chleite. Táir féin is do phlaosc scallach (lé táir): maol: gléigeal gan ruibe. Táir chómh scallach lé gearrcach as an ubh, cé phósfadh thu, a chrúnca: maol. Níl aon oidhre ar chirc scallaigh ach thu, a luighead éadaigh atá ort .i. go mbeadh an clúmh is na cleitidhe tuitighthe dhi. Loisceadh a raibh de chraoibh bhreágh sa scraig, níl innte ach an scallach: rútaidhe barra-dhóighte.

scallach: *a.* scóltach, dian leis an dteangain, sclamhamhail, cáinteach, cóchach, seórdánach. Lá scallach ón bhfarraige ní raibh sé ró-chneasta in ao'chor chun seóltóireachta: cóchanna gaoithe ann: é ag teacht ina builcínidhibh teanna. Is amhlaidh mar atá, má dhéinim aon rud in ao'chor as an slighe go mbeidh mo bhean chómh scallach orm is gur bh'fhearr liom bheith céad míle ó n-a teangain: cáinteach: gach aon sclaimh aice orm. Ó, léan air! beathuisce ró-scallach seadh é, ní fhéadfainn dul ina goire, scriosfadh sé an diúlach agam: dhóghadh an scórnach laistigh agam. Mám scallach seadh é lá olc ní mór go bhféadfá do chos do choimeád ar an mbóthar ann: scéirdeamhail: gaoth is báisteach ag teacht go fíochmhar ann. Nách scallach an t-oiniún é sin, tá mo theanga dóighte aige: loisceach.

scallachán: *f.1.* gearrcach gan chlúmh. Ní rabhadar ach ina scallacháin nuair tógadh as an nid iad is níor mhaireadar lé fuacht.

scalladh: *f.* (*-llta*) scóladh, loscadh, greadadh, nighe lé huisce te; tuargaint ciapadh, teas; cóch trom gaoithe; bladhm, callán, íde bhéil. Ní dearbhtha dhuit Peig do bheith mar ainm ort 'ná go bhfaghair scalladh ód mháthair as an ndrochchómhluadar atá dhá choimeád agat: gríosadh is íde teangan. Scalladh orm-sa nár éist mo bhéal is a leigeant díbh a stracadh ó chéile: greadadh chugham: maisle chugham. Scalladh ar do lár mar mhadra a árduigh mo chuid aráin uaim: máchail go raibh ort!: greadadh an anama. Mara mbím in am ar scoil gheóbhad scalladh ón máighistir: íde bhéil: cuirfidh sé a mhío-shásamh in iúil i mbréithribh neamh-chneasta. Ní mór an tsuim a chuirim ann níl aige ach scalladh den dteangain, agus is furaiste theacht uaidh sin: stiall dá leidhb: cáineadh. Ar bhrághaid an chatha thoir dréir gach cunntas tá na cómhchomhraicidhthe ag tabhairt scalladh maith dá chéile, ní théigheann sos ortha de ló ná d'oidhche ag ionnsaidhe is ag frith-ionnsaidhe: tuargaint is bualadh loiscthe. Scalladh ar a chroidhe istigh maran b'é an rógaire é, a chuirfeadh cruisteach ar a bhábán bán: greadadh chuige: míoshuaimhneas cuirp. Ní fhoidhneóchad aon scalladh eile ód theangain bhuirb: ionnsaidhe tarcuisneamhail nó

cáinte. Rug an scalladh i dtaobh amuigh de bhéal an chuain uirthi, bhí sí ró-mhór fén dtalamh is ní raibh ann ach go dtáinig sí saor, stracadh a seólta go léir: siolla trom, teann, gaoithe. Seachain tú féin fé sheól, tá scallaidhe láidre de dhruim an oileáin ar an bhfarraige: an ghaoth ag teacht ina taomachaibh teanna. Ruaigeamair an namhaid lé scalladh teineadh: oiread piléar croidhearg is ná féadfadh d'fhoidhneamh. Dá ritheadh duine isteach ó raiste ceatha déarfadh sé, "is mór an scalladh é": greadadh báistighe. Mara bhfuil scalladh fén oighean ní lá fós é: bladhm is lasarnach theineadh. Má leanann an scalladh triomaigh seo air dóghfaidh go haonnidh sa talamh: babhta cruaidh de. Is mór an scalladh iad ag bruighean is ag achrann in aghaidh an lae: gleódh, callán. Tagann scallaidhe dubha de dhruim an chnuic ann: gaoth dhubh ina scabhataibh láidre. Tá an bainne ar an scalladh ní fhéadfadh éinne teangmháil leis: ar dearg-lasadh. Tháinig scalladh im bholg gur shaoileas go ndóghfadh an t-ineathar istigh ionam: greadadh te. Mo scalladh agus is fada go mbeithfeá maith de dhóthain d'fhear do: mo léan. "Chaill M. púnt as a phóca" – "mo scalladh é!" .i. aon truagh ní chuireann orm-sa. Is mór an scalladh croidhe bheith ag obair ameasc liaghairnidhe díomhaoine: crádh is clipeadh. Níl ann ach an scalladh san, thógfadh sé thu tar éis do mharbhtha: an méid sin cáinte béil.

scallaim: *b.a. 7 n-a.* tugaim béal do, barra-dhóghaim, scólaim, séidim. Scallfaidh sé adtuaidh tar éis na báistighe seo: tiocfaidh gaoth ina scallaidhibh cruaidhe. Scall sí ó thalamh é, pé cúis a bhí aice air: thug sí íde bhéil do. Scallann an ghrian na gais ann nuair ná tagann bogradh: dóghann is feódhann. Scallann na garsúin an croidhe ag an máighistir nuair ná saothruighid a gcuid ceacht: scólaid é: clipid an croidhe ann. Scallann an fear céadna me má dhéineann éinne beó lé n-a chuid gleóthálachaibh: na rudaidhe aite (dar liom) a bhíos ar siubhal aige: scaipeann mo mheabhair shaoghalta leó.

scallaire: *f.4.* aithisidhe, tarcuisneóir, callaire droich-bhéalach. Nách í an scallaire mná í, ná féadann a teanga do choimeád d'éinne: achmhúsánaidhe, báirseóir. Éist, a scallaire, ná tabhair náire dhuit féin, ag gabháil ded theangain ar chách: cáinteóir, suainseánaidhe. Dá labharadh an scallaire ós íseal féin, ach a ghuth d'árdach i gcomhchlos don saoghal mór níor leath liom é: callaire aithiseach.

scallaireacht: *b.3.* (**scallaereacht**) tarcuisne ghleóidh, íde bhéil, báirseóireacht. Thugadh sí an lá amuigh ar an mbán ag scallaireacht ar mhnáibh béil dorais ar a luighead cúise: ag béicigh leas-ainmeacha is tarcuisne ortha. Fiche uair ist ló bhíodh ar na póilínidhibh dul ag déanamh síothchána ameasc cóipe ban na cúl-shráide, bhíodh an oiread san scallaireachta ar siubhal aca: callán, íde bhéil is tarcuisne. Ná bídhídh ag scallaireacht ar a chéile, cad é meas bhur gcómharsan oraibh?: ag tabhairt íde ghránda bhéil ar a chéile ós ard. B'fhéidir go gcuirfinn-se corc id phíopaidhibh mara stadfá ded chuid scallaireachta: do chuid achmhúsán do bhreith leat chun duine éigin eile. Ní fheadar cad é an saghas duine me go mbíonn gach éinne ag scallaireacht orm: ag tabhairt béil dom. Beidh scallaireacht aice mara bhfaghaidh sé tobac: gleódh is béal.

scallóid: *b.2.* cóch, achmhusán, easmailt, báirseóireacht. Na scallóididhe a thagann anuas tríd an gcom gleanna úd sa gheimhreadh bainid fraoch is aiteann as a phréachaibh: cóchanna. Tá deireadh scallóide agam lé foidhneamh ó neach feasta, táim ar nós an uain

leo: tarcuisne. D'fhéadfá me d'eiteach ar an rud a bhí uaim gan scallóid do thabhairt dom i dtaobh a iarrtha ort: tarcuisne: cainnt bhorb, mhíochuibheasach.

scallóideach: *a.* goirgeach, cóchach, screamhaineach, tarcuisneach, borb. Budh bheag an mhoill ag duine fuacht d'fhagháil lá scallóideach mar é seo, gan cosaint mhaith éadaigh: lá gaoithe goirgighe fuaire. Ní me féin dob fhearr liom do bheith ag tabhairt fén bhfarraige scallóidigh sin go bhfuil barra geal uirthi: cóchach, fiadhain, borb. Budh scallóidighe ar maidin go mór é 'ná anois, níl an ghaoth ná an fhearthain chéadna in ao'chor ann: dob fheannaidighe ar maidin. Bean scallóideach: bairseóir aithiseach. Duine maith a dhéanfadh cóstáil lé fear scallóideach mar é, ná réidhteóchadh teas ná fuacht leis, nuair thagann na hadhmacha air: callóideach, neamh-mín nuair thagann teadhanna ina cheann.

scallóideacht: *b.3.* aimsir sceamhach, feargacht, clamparacht. Do cheann ní fhéadfá do chur thar doras lé seachtmhain ag scallóideacht na haimsire: goirgeacht: fuacht is feannaid. Creid me leis go bhfuil scallóideacht ag baint lé bheith id chómhnaidhe i sráid aca súd, maidir lé gleódh is achrann siar go meádhon oidhche: clampar, suathadh aigne. Tá suaimhneas aige ó ghlaoidh Dia chuige féin air, ní raibh ar an saoghal so aige ach scallóideacht: duadh is aindeise.

scallta: *a.r.* feóidhte, dóighte, ruaidhte, scólta, loiscighthe. Ag an mbuile gréine atá air lé coighcíos, gan cioth gan drúcht, tá an talamh scallta, níl greim ainmhidhe air: barra-dhóighte: ruaidhte. Deoch fhionnfhuar don scórnaigh scallta so agam: spallta leis an dtart. Níor stadadh de bheith ag baint mhóna ar an maoilín chnuic sin go dtí go raibh sé scallta, mar chidhir anois: maol gan fód air. Thuit an t-uisce te sa chosaibh air is táid scallta: an croiceann imthighthe dhíobh. Dhe, mhuise, tá mo chroidhe scallta ag an saoghal: claoidhte.

scalltacht: *b.3.* dóighteacht, ruaidhteacht, luime, maoile. An méid sin scalltachta déanta ag an ngréin ar an dtalamh annsúd ná fuil ruibe féir ann ach gainimh ar fad: ruaidhteacht, é lom is dath ruadh air ag an dteas. An scalltacht atá im scórnaigh thar éis an phráta bheirbhthe ní fhuilngeóchainn aon rud do shlogadh: dóighteacht. Ní maith léi le pósadh é toisc a scalltacht cinn: an folt a bheith imthighthe dhe: maoile.

scálóg: *b.2.* lán cuirn, bolla, cuaiche nó gloinne, árus ólta. Scaoil chugham scálóg de san, tá tart orm: taoscán amach in aon árus aca so ainmnighthe go mórmhór as a theas. Ól na scálóga a tháinig leis gur chaill a shláinte: bheith ró-cheanamhail ar na ciotaidhibh dighe.

scamh: *b.2.* croiceann, cneas, coirt. Ná bain an scamh des na tuigidhibh nó ní bheidh chómh buan: ná bain an scugha (croiceann) díobh. Ní fhágfadh gabhair blúire scaimhe ar chrann gan itheadh: coirt.

scamhach: *a.* scúighteach, feannach, lomthach. Ingne scamhacha: go mbíonn an croiceann ag briseadh ge n-a mbun agus ag tuiteam díobh. An ceann scamhach atá air .i. an ghruaig bheith ag tuiteam de. Crann scamhach gur bhuail splannc é .i. an choirt ag tuiteam de. Budh cheart duit an madra san d'ídeach, tá sé an-scamhach: tugtha do

sceamhghail agus bagarthach. Budh dheacair don dá thaobh bheith níos scamhaighe chun a cheile 'ná táid: díomas is fala eatartha. Gheóbhair do dhóthain lé n-itheadh ach breith fada air, ní gábhadh dhuit bheith leath chómh scamhach, budh dhóigh lé duine nár ithis do dhóthain riamh: a bheith chómh cíocrach.

scamhach: (**scamhachán**) *f.1.* fuighleach, sceanfairt, scugha prátaidhe, etc., roithleach. Caith scamhach an dinnéir chun an mhadra: fuighleach. Ní raibh aon raic ar snámh ann ach scamhach: bruscar cipínidhe. Scamhach adhmaid: an méid a bhaineann an plána dhe. Braithim mo mhéireannta beagáinín íogair tá scamhach iongan orm: an croiceann ag imtheacht dá mbun. Féach an scamhach atá déanta ar an bpáipéar aice lé n-a shoisiúr: an bearradh.

scamhadh: *f.1.* baint an chroicinn, an chneasa dhe; bearradh, lomadh, dortadh, sileadh. Ní taithneamhach liom an madra san, cad é an scamhadh fiacal atá air? an mbéarfadh sé ar dhuine?: nochtadh fiacal mar bheadh ar tí beartha ar dhuine. Ná bíodh aon scamhadh fiacal ort chugham-sa, ní chuireann tú aon eagla orm: ná bí ghá nochtadh lé feirg. Tagann scamhadh ar an gcarraig nuair imthigheann an scabhat di: nochtadh: imtheacht an uisce dhi. Cé chreidfeadh, is an bheart thábhachtach atá anois aige gur ag scamhadh phrátaidhe a bhí sé ar an gcéad obair do fuair sé riamh: ag baint an chroicinn díobh. Nách ait an cheárd a bhíonn aige, i rith an lae ag scamhadh cipín lé sciain: gá shnoighe: ag scriosadh sleamhancacha beaga, tanaidhe dhe. Ó cheann an bhíoma bheith ag bualadh i gcoinnibh fhalla na faille bhí sé ag scamhadh leis: ag maolughadh is ag caitheamh. "Connus tá aige?" – "ag scamhadh leis": ag caitheamh i ndiaidh a chéile. Bí ag scamhadh ó bhun an choca go bhfeicir an chloch bhuinn: ag baint uaidh: ag stathadh na ruibidhe atá ar sileadh leis. Fágadh an coirce ina sheasamh ró-fhada gur imthigh sé gan mhaith leis an scamhadh: caitheamh, maolughadh ón sín. Dá dtugadh sé cainnt mhaisleach mar sin domh-sa ní bheinn "ag scamhadh gheitridhe dho" ach é phléascadh idir an dá shúil: ag foidhneamh leis. Seachain thú féin ar an gcapall, tá sé ag scamhadh a chluas: ghá síneadh siar liocuighthe ar a mhuineál. Cuir fáthaim lé bun do thriubhais, tá sé ag scamhadh na snaithínidhe: ag snoighe is ag caitheamh. Cad a chuir an scamhadh ar do shróin?: an for-chroiceann bheith ag imtheacht di. Tá an ghruaig ag scamhadh ded cheann: ag imtheacht.

scamhadóir: *f.3.* snoigheadóir, lomaire, rúscaire; sainnteóir. Beir ar an scamhadóir scine sin agus bain an croiceann de ladhar phrátaidhe i gcóir bídh lár an lae: scian oireamhnach chun a leithéide. Is diabhalta na scamhadóiridhe gabhair tímcheall óg-chrann: chun na coirte do lomadh díobh. Scamhadóir diabhail é sin chun an tsaoghail, dá mbeadh pinginn thíos fé chloich gheóbhadh sé amach í is bheadh sí aige. Dá mbudh scamhadóir me ní bheinn chómh dealbh is táim indiu, bheadh póca teann agam: duine sainnteach chun an tsaoghail. An scamhadóir sin! go ndéanfá margadh leis an dóigh leat, ní dhéanfá mhuis: duine dian caol, cumhang: crústa cníopaire cinnte cruinn.

scamhadóireacht: *b.3.* lomadh, rúscadh, snoighe, sprionnlaithecht tímcheall conbharsáide. Ag scamhadóireacht an chipín: ghá snoighe: ag baint sciolpaidhe dhe. Na gabhair ag scamhadóireacht ameasc na sceach: ag broscadh ar an gcroiceann. Ní maith bheith ag scamhadóireacht ar chrann, cuireann sé chun báis é: bheith ag baint na coirte

dhe. Chaithfeadh sé an lá ag scamhadóireacht sara bhféadfá margadh ná socrughadh do dhéanamh leis: ag coimeád ceann cuinge mar gheall ar bheagán.

scamhim: (**scúighim**) *b.a.* 7 *n-a.* lomaim, rúscaim, nochtaim, bainim an croiceann de, snoighim, scríobaim, nochtaim fiacla; liocuighim cluasa, riaraim (cártaidhe); meilim. Siúd é an droichghéag, mar scamhann sé a fhiacla is baineann giascán asta lé feirg: nochtadh: tairngeann sé na beóla siar díobh. Scamhaim iad (prátaidhe, etc.) mar scamhas riamh, lém ingnibh: bainim an croiceann díobh. Nuair scamhaidh an fhochais chuaidh an nadhbhóg anáirde uirthi is buaileadh a bhéal fúithi: nuair nocht an t-uisce dhi. Scamhaidhtí geitridhe fadó lé cur in úsc ar seilige chun solais: baintí an croiceann díobh. Scamhaidh amach chúig cinn des na cártaidhibh is fearr sa phaca chugham: riar .i. sleamhnuigh de dhruim a chéile. Mara gcuirir fáthaim lé bun do thriubhais scamhfaidh sé: scaoilfidh na snáithínidhe as an bhfighe. Go scamhair chuige! maran ort atá an dúil: go n-imthighir bán chuige: as do chéill chuige go dtéighir. Coimeád cuid éigin duit féin, ná scamhaidh thu féin ar fad: ná lomuigh: ná dealbhuigh. Scamhfaidh ceann an téadáin mara gcuirir snaidhm air: caithfidh. Scamhfaidh gunail an bháid do dharadha i ndiaidh a chéile: lomfaidh is caithfidh é: snoighfidh: leaghfaidh a neart.

scamhaire: *f.4.* drannaire, duine go mbíonn muc ar gach malainn leis; a bhíos sprionnlaithe. Léan air, an scamhaire, is fada gur thug sé greim bídh ná braon dighe d'éinne go mbeadh a n-uireasa air: cníopaire cinnte: duine an-gheairrid do féin: cnáimhseánaidhe: duine go mbíonn an doicheall ina chroidhe go n-aithneófá ar fhéachaint air é. Tá cuma an scamhaire air: gur dheacair puinn t'fhagháil uaidh. Nách é an scamhaire é: duine lom go mbíonn grainnc air. Níor ith an scamhaire sin leath a dhóthana riamh: cníopaire. Ní thabharfadh an scamhaire sin faic duit, sé cuma atá air é: duine go mbeadh cuma ocrach air.

scamhaite: *a.r.* lomtha, maoluighthe, nochtuighthe; snoighte, caithte, tanuighthe, follamhuighthe fé; cíocrach, dúlmhar. Táimid an-scamhaite i dtaobh tobac, ní raibh ach lán na píope idir lán tighe againn indiu: lom: ar fíor-bheagán de. Ní dócha go bhfuil faic aige, tá éadach an-scamhaite air: caithte, lom. Táim an-scamhaite fé bhrógaibh, ní leigfeadh náire dhom dul in aon áit leó so orm: iad so atá orm táid nách mór imthighthe. Ní bhfuaireas uatha ach té scamhaite, geallaim duit nách gábhadh dhóibh maoidheamh ná mórdháil do bheith ortha as: lom: gan feóil is iasc ná annlann eile mar sin. Ar an méid atá scamhaite den gcarraig tá cuid mhaith dhe tráighte: lomtha .i. an t-uisce íslighthe uirthi. Mo lagar, tá an lá scamhaite agam leis is gan aon rud déanta agam: caithte: imthighthe. Má tá fonn oraibh aon rud do bheith déanta fé dheireadh na seachtmhaine is mithid díbh tosnughadh, tá a furmhór scamhaite cheana agaibh go díomhaoin: meilte. An rud sughaigh tá sé scamhaite chun an óil dá bhfaghadh sé in aisce é: chómh cíocrach san go gcaillfeadh sé a náire leis. Toisc an t-aos do bheith buailte leis agus nách mór eile na bliadhanta atá aige chun pósta tá sé scamhaite chuige: lán de chíocras is de ghuilm. Lé beirt go mbíonn éileamh mór aca ar a chéile deirtear, táid scamhaite i ndiaidh a chéile. Bíonn cat scamhaite chun éisc: raghadh sé in aon áit chuige. Meáidh id láimh anois é, tá sé scamhaite go maith fén dtómhas: beacht: níl aon phioc breise fara an chirt ann. A fhiacla scamhaite ag an madra: noctuighthe mar bheadh scaimh air chun greamuighthe. An chuma atá ar a dtigh agus tímcheall air tá siad an-scamhaite sa tsaoghal adéarfá:

dealbh: ar bheagán gustail. Luigh isteach fén bport so, tá sé scamhaite fé: cabha ann: scéimh ghéar amach air. Níl aon bhaoghal air ná go bhfuil na cómhachta cogaidh scamhaite chun a chéile anois: fiadhain glan chun a chéile do léirscrios. Nuair bheifeá tamall gan rud go mbeadh dúil agat ann bheifeá chómh scamhaite lé coin ocraigh cuige: fonn is dúil an domhain agat ann. Táid scamhaite anuas leis (ó) na cnámhaibh ó bheith ag ól té: lom, caithte. Níl ina bhéal ná ina bhrághaid ó Luan go Satharn ach obair, é scamhaite glan chun an tsaoghail: níl de Dhia aige ach é. Dhiúg sé an t-árus go tóin gan a thógaint dá cheann, bhí sé chómh scamhaite sin chuige: an dúil mhairbh aige ann. Táim scamhaite scoithte sa tsaoghal anois: bocht dealbh gan rian ar bith.

scamhaiteachán: *f.1.* bearradh, lomadh, maolughadh, scaoileadh (an rud a scaoileas); duine sanntach chun an tsaoghail, duine "bearrtha". Gearraidh an scamhaiteachán san de bhun an éadaigh is ná bíodh sé ar sileadh leis: an snáithín nuair bhíonn sé ag scothadh is ag lomadh. Caith an scamhaiteachán san isteach 'on teine, adóchaidh sé í: an fuighleach a bheadh tar éis adhmaid etc. do bhriseadh. Tugtar an scamhaiteachán prátaidhe dos na mucaibh: an drabhfhuigheall chroicinn is uile. Chreidfinn má bheadh airgead ag éinne go mbeadh sé ag an scamhaiteachán úd, dá dtógadh pinginn ón mbás é ní chaithfeadh sé air féin í: duine a bhíos scannruighthe chun an tsaoghail. A scamhaiteacháin, beir fada air, cad tá uait? oiread lé beirt?: sanntach.

scamall: *f.1.* néall (sa spéir), dlúimh taisreachta, gail, ceóidh, smúite etc., ar snámh san aer, an-chuid, aon rud (duine etc.) suaithinseach; aon rud a dhoirchigheas, a mhúchas an léargas; fachaile; brón, rud éigin neamhghnáth, dothuigse. Spéir gan scamall: gan smúit: léir, glan. Tháinig scamall ar shúil liom agus níl radharc ró-mhaith innte: scanán a dhoirchigheas í: tá fachaile uirthi. Scéal fé scamall seadh é, níl aon eólas ag éinne air: doircheacht: táthar dall air. Cad é an scamall atá ar an saoghal gur thairngeadar an cogadh uathbhásach so ortha?: dul amugha: dalladh aigne. Cad é an scamall a chuir Dia air gur ídigh sé é féin?: mearbhall. Cad é an scamall atá ort ná tagair abhaile in am mar thagann na cómharsain eile?: béas nách féidir leat do bhriseadh. Is mór go léir an scamall chun oibre é, dhéanfadh sé oiread lé triúr: tá sé ar fheabhas ar fad: ní féidir gan ceann do thógaint de. Is mór an scamall chun óil é, an scamall duine é: áitrighthe: saineamhail: ceann tógtha dhe. "Do bhí cath san Rúis indé" – "budh mhór an scamall é": uathbhás lé déine is scrios. Is mór an scamall a ndeárna sé de bháistigh airéir ar na tuiltidheachaibh atá san abhainn indiu: an-chuid Éireann. Tá scamall éigin ar an líon tighe céadna, bíonn rud éigin mío-ádhmharach i gcómhnaidhe ortha: mío-ádh éigin os a gcionn. Fan uaim amach anois is ná cuir aon scamall orm: aon rud a dhéanamh a thógfadh m'aigne den rud atá ar maoith agam. Ná tagadh aon scamall go ndearmhadfair mé, nó cuimhneóchair air an dá lá dhéag is mhairfir: aonnidh mío-ádhmharach a chuirfeadh de thu. "Caitheann sé an iomad airgid ar chur geall" – "ó tá sé de scamall air": de mhío-ádh a leanas é. Is mór an scamall mar lá é .i. pé cuma ina bhfuil sé olc, maith, breágh, gránda nó sultmhar tá sé ar aoirde láin. Tá an scamall d'fhearaibh catha ag an Sín, adeirtear go mbeadh sí ag cur fear ar an bpáirc go ceann deich mbliadhan: éacht. Mar scamall atá sé ort, an eadh, do bheith ag síor-dhéanamh dhearmhad?: rud éigin nách féidir leat do sheachaint. Is iomdha scamall a bhíos os chionn an duine ó aois go bás: cinneamhaint. Chuir an bhean scamall éigin air go leanfadh sé idir cheithre chúinne an domhain í: draoidheacht: mearbhall incheann. Chonnac uaim an t-eiteallán idir me agus scamall: néall: i bhfad uaim sa spéir.

Imtheóchaidh an scamall fós de sin nuair bheidh sé beagán déidheannach aige b'fhéidir: aiteas éigin atá ar siubhal aige nách féidir leis a chur de nó ná fuil fonn air. Nár chuiridh Dia aon scamall díoghbhálach orainn: aon mhío-ádh a luighfeadh go trom orainn. Go n-árduigheann Dia gach scamall des na daoinibh: smál: buaidhreamh. Scamall a tháinig ar an ndúthaigh dob eadh meath na bprátaidhe: matalong uathbhásach. Tá scamall chun ban air: é imthighthe fiadhain chúcha. Ghluais scamall trom ceóidh isteach ón bhfarraige ná feicfeá dhá fhaid an bháid aige: dlúimh throm fhairsing. D'éirigh scamall deataigh as an dtóiteáin a thachtfadh éinne a thiocfadh in aon ghaobhar do: scailp throm, dhlúith. Tá sé de scamall air go n-imthigheann rud éigin mí-cheart air díreach nuair bhíonn ar tí bearta do dhéanamh: mío-ádh éigin. Tagann scamaill air agus lé n-a linn ní haon iontaoibh é ná go ndéanfadh buadhairt: néallacha: taomacha ná bíonn aon smacht ceart aige air féin. Deirtear go bhfuil an scamall sa bhannc ag eisean: cuid mhór airgid. Níor imthigh scamaill an chodlata fós dhíot: níor ghlan do shúile ina gceart uaidh. Thiocfadh scamaill ar do shúilibh ó bheith ag féachaint ró-fhada ar rud: spearbaill: scáth a choiscfeadh an radharc. Chuirfeadh leath a bhfuil d'airgead aige scamaill ar do radharc: dhallfadh sé thu lé n-a méid. Siúd é an buachaill a bhainfeadh na scamaill des na súilibh (den radharc) agaibh: a osclóchadh na súile dhíbh: a fhoillseóchadh an fhírinne agus dearbhacht ruda dhíbh. Tá scamall ort má chreideann tú go bhfuil cion aice ort: tuairm mí-cheart agat as. Tiocfad ag triall ort fé scamall na hoidhche: scáth: doircheacht. An leaghaidh scamall an chogaidh den Eóraip choidhche?: an imtheóchaidh: an mío-ádh so, an imtheóchaidh? Cad chuir an scamall dubhach ort? cá bhfuil do gháire?: an brat bróin. Ní dhéinim de ach scamall lé gaoith .i. duine gan aon stuidéar. Tá rith an ráis leis mara dtiocfaidh aon scamall air go raghaidh chun siléige: an rud mío-ádhmharach a chuirfeadh dá bhuille é.

scamallach: *a.* néallach, brónach, smúiteamhail, dorcha. Lá scamallach nár bh'fhéidir radharc i bhfad d'fhagháil, an spéir an-íseal: dlumha gail sa spéir. Tá an dá shúil scamallach aige, ní mór den radharc ionta: scanán ortha araon. Bhí an mhaidean ró-scamallach chun dul i bhfad ó thalamh: dorcha ag néallaibh spéarach. Is agam-sa fágadh an croidhe scamallach nuair árduigh an bás mo chuid uaim: brónach, duairc. Oidhche ghealaighe scamallach .i. néallta ag rith sa spéir. Is í an Eóraip atá go scamallach leis na ciantaibh: buadhartha: achrannach. Is scamallach an fear thu agus a chreideamhaint d'aindeóin gach foillse dá mhalairt go bhfuil sí i ngrádh leat: baoth: mearbhallach. Uisce an-scamallach seadh an abha indiu: dorcha: neamh-ghlé. Is annamh ná go mbíonn Cnoc Bhréanainn scamallach: ceódhach. Tárluigheann rud éigin scamallach i gcómhnaidhe dho: rud éigin go leanann brón is buadhairt é. Beidh croidhe scamallach fós agat-sa, bain an chluas so dhíom-sa leis, mara n-athruighir na deáibreacha atá fút: beidh aithreachas dóighte ort.

scamallaim: (**scamalluighim**) *b.a.* 7 *n-a.* doirchighim, teimhealluighim, úrdhubhaim. Do scamalluigh an spéir faid bheifeá ag bualadh do dhá bhais ar a chéile go ndéarna lá den oidhche: líon sí de néalltaibh dubha. Scamallóchaidh an oidhche sa bhaile mhór ort mara ndéinir deabhadh: doircheóchaidh. Cad do scamalluigh do shúile ná feacaís é agus é chómh geairrid sin duit?: cad a chuir púicín ortha nó spearbaill. Is mór mar scamalladh na daoine go ndeaghadar isteach 'on chogadh so gan ghábhadh gan riachtanas: mar dhall rud éigin a n-intinn ná rabhadar ábalta ar mhachtnamh soiléir do dhéanamh. Fan ar an bhfírinne is ná scamalluigh an scéal lé héitheach: ná tabhair iarracht ar é do dhéanamh

doiléir. Annsan do scamalluigh brón mór trom an cnoc: chlúduigh: bhain a radharc díom. Ná scamalluigh an solas orm: ná doirchigh: ná cuir aon rud idir me agus é a choiscfeadh a thaithneamh orm. Ná scamalluigheadh éinne do shúile anois, féach chughat is uait, go mbí a fhios agat cad bhíonn dhá dhéanamh agat: ná dalladh: ná cuireadh neach spearbaill ná dalladh-phúicín ort. Bhur sláinte, a fheara, is nár scamalluighidh Dia an saoghal orainn ná ar éinne a ghoillfeadh ná a fhóirfeadh orainn: nár dhoirchighidh Sé orainn é .i. nár leigidh Sé smúit ná smál orainn a dhéanfadh díth, bascadh ná toirmeasc dúinn.

scamallughadh: *f.* (*-uighthe*) doirchiughadh, teimhealughadh, scáthadh. Aon deagh-chuma níl anois air, dearc an spéir ag scamallughadh: scamaill throma dhorcha ag teacht innte. Táir ag scamallughadh an tsolais orm, seasaimh i leathtaoibh: ag teacht idir me agus é, i leith mo radhairce. Órdughadh scamalluighthe á shoillse ón Riaghaltas i mbailtibh móra: iad do dhoirchiughadh i dtreó is ná déanfaidís eólas do namhaid ionnradhtha. Tá an radharc ag scamallughadh aige agus is mithid é, is iomdha lá aoise aige: ag dul i laige is in olcas. Nuair chonnac an saoghal ag scamallughadh orm d'aindeóin mo dhíchill chaitheas anairde liom féin é .i. cuma dubhach, aindeis ag teacht air dómh-sa ghlacas leis. Ag scamallughadh is ag scamallughadh an scéil atá gach ráfla breise: ghá chur i ndoiléire.

scamhárd: *f.1.* suiméar, oileamhaint, neart bídh. Féach, mothuigh féd mhéireantaibh é, éadach gan aon scamhárd atá ann: gan tathnag, tanaidhe, fíneálta: ní bhraithfeá neart idir do mhéireanntaibh ann. An leann dubh atá ann anois, tá sé gan scamhárd 'e bhreis ar an leann a bhíodh, an-chaol atá sé: suiméar. É déanta amach ag lucht eólais go mbíonn scamhárd mór in ubh circe: de cháilidheacht ann neart is fás do thabhairt. Ithtear feóil mar scamhárd ar chuid bídh duine: chun a neartuighthe. Nílim ag tréigean fós, bíodh muinghin agat asam, tá a thuilleadh scamháird ionam: neart agus fulang. Ní bhfaghaim aon scamhárd ina chuid cainnte, an bhfuil aon scamall air siúd?: ní bhfaghaim bun ná barr léi. I ndeireadh na bliadhna siar ní fhanann aon scamhárd i bprátaidhibh, bíd ag casadh 'sag dubhadh: neart ithte. Bíonn scamhárd ar bhainne a gcuid bó: uachtar saidhbhir. Tar éis ar chúbláil sé chuige níl de scamhárd an tsaoghail anois: foillse ar bith níl aige de bharr a ndeárna sé. Feirmeóir go bhfuil scamhárd air é sin, féach ar shlacht a thighthe is a chuid talmhan: go bhfuil rian gustail air is é bheith os chionn a chumais. Cuirfidh an deighbhiadh sin scamhárd ar an easna agat: neartóchaidh sé na heasnaidheacha agat. B'fhearr liom ná buailfeadh sé barra méire ar aonnidh, níl aon scamhárd air: aon tsnas ná crích chun ruda do dhéanamh mar is ceart. Ní bhfaghaim aon scamhárd ar an gcailín aimsire seo: aon bhláthas: aon tsásamh innte chun aon nidh do dhéanamh. Is beag rud ag duine dhá chur ina bholg is mó go bhfuil scamhárd ann ná bainne: saidhbhreas chun neartuighthe agus sláinte do thabhairt.

scamhárdach: *a.* (**scamhárdamhail**) taithigeach, suiméarach, biadhamhail; oileamhail, láidir. Dréir dheallraimh, cé ná cuirtí fé n-a thuairm é, go bhfuil an scadáinín scamhárdach: go maith lé n-itheadh: suiméarach: go bhfuil tabhairt bídh ann. Bó thar bhuaibh dob eadh an Glas Ghaibhneach, bhíodh crudh scamhárdach aice: bainne saidhbhir, sochrach. Is ón mbaile sin do thagann an t-ím is scamhárdaighe ag teacht isteach 'on Daingean: is suiméaraighe: is saidhbhre: is fearr lé caitheamh. "Éinne a gheóbhadh biadh scamhárdach" adeireadh na seandaoine, "bheadh baoghal mór air obair

do bhaint as go deimhin": biadh go mbeadh neart ann is tathnag don gcorp. Céaca is scamhárdamhla ubh nó scadán lé n-itheadh?: is oileamhla: is fearr chun nirt is sláinte.

scamhárdamhlacht: *b.3.* oileamhaint cuirp, suiméar. Cá bhfuil an scamhárdamhlacht i dté trí huaire is ló?: an neart mar bhiadh. Gheibhtí an phinginn dob aoirde ar an margadh ar an ím a thagadh as lé n-a scamhárdamhlacht: suiméar: saidhbhreacht: a fheabhas mar earra bídh. Creid uaim-se go bhfuil scamhárdamhlacht ina ghéagaibh siúd is go dteasbáineann a chuid oibre é: neart, fulang, teacht aniar.

scamhghail: *b.3.* nochtadh fiacal. Chuireadh scamhghail an dóirneálaidhe úd fearg is trí chéile ar gach éinne a bhíodh ag troid leis: nochtadh a chuid fiacal d'aon ghnóth chun mearbhaill do chur ortha. Nuair is mó bhí olc air chugham dhéininn scamhghail air: nochtainn m'fhiacla ag cur mo dhrochmheasa in iúil do. An scamhghail a bhíonn air nuair bhíonn buaithré oibre air: an nochtadh fiacal lé fuadar. Cad a bhíodh aca fúm ach scamhghail tar éis mo choda do chaitheamh go haimideach, rabairneach ortha: gáiridhe táire.

scamhlaereacht: *b.3.* callán is íde bhéil, báirseóireacht. Mara raghadh ach cearc lé duine aca ar an nduine eile (i bhfoghail) chromfaidís ag scamhlaereacht ar a chéile go dtairngeóchaidís dhá thaobh an pharróiste ortha. Tóg aghaidh do scamhlaereachta dhíom, cuireann sí déistinn orm: an ghoth atá ort chun íde béil is tarcuisne. Gheóbhair scamhlaereacht mara mbeir in am ar scoil: achmhúsán feargach.

scámhóg: *b.2.* scairt, ceann den dá bhall go dtairngtear an anál leis. Ar an neart atá ina ghlór dhearbhóchainn go bhfuil na scamhóga folláin go maith aige. An croidhe, na scartacha, is a leanann iad in ainmhidhe marbh tugtar na scamhóga ortha. Ná hith scamhóga an ubhaill, ní réidhteóchaid leat: sciolpacha croicinn.

scamhtha: *a.r.* an croiceann, an choirt do bheith bainte dhe, feannta. Ní fiú dhuit gan é do choimeád anois, tá sé scamhtha agat: snoighte, caithte, ithte, etc., agat. Táim scamhtha agat, thógais an cárta dob fhearr im dhorn: dealbhuighthe: lomtha: níor fhágais faic agam dob fhiú d'áireamh. Craobh scamhtha .i. ná bíonn innte ach an chos. Na sceacha scamhtha ges na gabhair: an croiceann ithte (feanta) aca dhíobh.

scamhthacht: *b.3.* nochtuightheacht, maoile, luime, cinnteacht. Bheadh náire orm an tsráid do shiubhal ina fhochair lé n-a scamhthacht: luime éadaigh. Tá an iomad scamhthachta ag baint leis go bhfaghfá aon tsubháilceas ina chonbharsáid: cinnteacht: beacht tímcheall margaidh nó cóstála. Féach an muineál! an scamhthacht go léir, chómh caol le feirsid: seangacht gan bláthas ná crot. Tá an scamhthacht ar an ughaim, ní fada eile is ughaim í: an chaithteacht.

scannail: (**scannal**) aithis; cor, gníomh, duine, etc., a thugas aithis agus díoghbháil do cháil nó a mhúsclas náire nó olc i ndaoinibh eile, mothúilt aithise nó uilc, iomarbhas ar mánlacht; éigean do dhéanamh ar cheart nó cóir achmhúsán, oilbhéim, masla. "Óir do chualaidh me scannail mhóráin; eagla ar gach aon taoibh, an feadh do bhíodar ag déanamh cómhair in aonfheacht im aghaidh, do thionnscadar m'anam do bhuain asam"

(Sailm XXXI. 13): tromaidheacht mhasluightheach. "...agus an té a labhras scannail is amadán é" (Seanráidhte X. 18): adeir nó a scaipeas mí-theastas malluighthe ar chách. Is í an scannail an tslighe atá airgead dhá chaitheamh ar dhigh: aithis: rud an-mhícheart, díoghbhálach. Ag cainnt go mío-mhánla os chómhair daoine óga is ag tabhairt scannaile dhóibh: chuirfeadh náire is olc ar dhuine lé n-a neamhghlaine. Ná cloisim go mbeir ag déanamh scannaile airís orm leis na cómharsannaibh: ag tromaidheacht go díoghbhálach orm. Ná tabhair scannail duit féin lé cainnt bhuirb: ná cuir do lucht éisteachta i slighe is go mbeadh an ghráin aca ort. Is é an scannail go deó do bheith ag tabhairt tuarasdal mór do dhaoinibh áirighthe agus daoine eile ag siolagar leis an ocras: aithis: rud a bhaineas olc is motháilt náire i gcách. Scannail don ndúthaigh an duine céadna, is an tslighe channtáil sé cuid na ndaoine: duine a gheibheas náire é féin agus a chuireas olc ar chách leis. Ná bíodh sé den diabhal ort aon scannail do mhúscailt faid bheir ag fuireach ann, is eól duit a cháil .i. tagairt d'aon rud náireach atá déanta aige. Nách scannail duit bheith ag cainnt lé linn an aifrinn: aithis: rud míothaithneamhach a chuireas déistinn orm.

scannalach: (**scanaileach**) *a.* aithiseach, náireach, masluightheach. Nách scannalach an rud duit bheith ag cur síos ar do chómharsain: náireach agus díoghbhálach. An chainnt scannalach a bhí ar siubhal ag an mbeirt gharsún, chuirfeadh sí gruaig do chinn ina seasamh: masluightheach, ná raibh banamhail ná glan. An scannalach an rud biadh do bheith dhá dhóghadh i bhfuairnéisidhibh mar bhí thar lear agus a cheal ar dhaoinibh eile: beart aithiseach nár chóir is nár cheart. "Scannalach mise" arsa fear, "más scannalach ní náireach", an freagra a fuair .i. "de muinntir scannail mise", "daoine cáilmheara iad san". Éadach scannalach atá uirthi .i. í gléasta go neambanamhail.

scannán: (**scanán**) *f.1.* cochall na scamhóg, seicin bheag, fhíneálta, an t-eannach righin éadtrom a bhíos mar shraod lé plaosc uibh, scáine; brat soifhillte go dtógtar peictiúiridhe reatha air. Tá a chorp anois chómh dearóil lé scannán: lag, soibhriste: leóchaileach. "Bhrisfinn do scannán" deirtear lé holc .i. an clúdach atá ar na scartachaibh .i. díoghbháil mhór don gcorp. Níl ann ach an scannán lé féachaint air .i. dearóil, lag, tugtha.

scannraghail: *b.3.* eagla is uathbhás do chur, uamhan, mearbhallughadh. Ná tagadh aon scannraghail anois ort, níltear chun mádh gaine (mágáine) do dhéanamh leat, a leinbh: ná leig eagla ort. Chuireadh sí bairlín fhada ghléigeal uirthi féin is théigheadh amach ist oidhche ag cur scannraghla ar dhaoinibh: uamhan gur spirid a bhí innte. Leis an scannraghail a bhí orm níor chómhairigheas an t-airgead ina cheart: mearbhall deabhaidh is fothraga. Ní scannraghail go dtí é, oidhche fhiadhain ar an bhfarraige i mbáidín: cúis uamhain is uathbháis. Ná tuig chun tú do scannraghail atáim a rádh leat go bhfuiltear ar do thí ach chun go mbeifeá réidh ina gcómhair: chun imeagla do chur ort. Scannraghail an tsaoghail a fhág gan sláinte é: an fonn sainnteamhail chun dulta ar aghaidh i maoin is i strus.

scannlughadh: *f.* (*-uighthe*) do thabhairt aithise, náire, achmhúsáin, oilbhéime, masluighthe. Bhíodh sé ag scannlughadh a mhuinntire is a ghaolta lé n-a bheartaibh fiadhaine: chuireadh a dhroichiomchar déistinn is náire ortha. Rud aithiseach gurb é a aoibhneas bheith ag scannlughadh a chómharsan i ngach ball dá ngaibheann sé: ag tabhairt droichtheastais ortha. Is amhlaidh mar tá aca ní fheadraís céaca is fearr ná is

measa, bíd féin ag scannlughadh a chéile: ag tabhairt aithise is achmhusán dá chéile. Aon tsuas ná anuas ní bheidh agam libh, dream scannluighthe mar sibh, ní chloisim choidhche uaibh deaghfhocal ná moladh ar éinne: daoine a ghníos gnás de bheith ag tromaidheacht 'sag cúlchainnt.

scannluighim: *b.a.* tugaim achmhúsán, aithis, náire, masluighim. Ná scannluigh a gcloisfeadh thu lé cainnt gháirseamhail den tsaghas san, budh cheart duit náire bheith ort focal di do theacht as do bhéal: ná cuir déistinn ortha. Scannlóchadh sé na seacht bparróistidhe an cur-síos aithiseach neamh-fhíor a bhíos aige ar an dtuaith go léir: chuirfeadh uathbhás is gráin ortha.

scannluightheóir: *f.3.* aithisidhe, tarcuisneóir, duine tugtha do thromaidheacht; suainseánaidhe. Ní mhaoidheann éinne a cheárd ar an scannluightheóir, ní gleóidhte ná ní hionmholta bheith ag cúlchainnt ar chách: suainseánaidhe. Dá gcloisfeá an teanga bhorb atá ag an scannluightheóir sin, níl grádh Dé ná duine ann: trománaidhe.

scannrach: *a.* uamhanach, eaglach, uathbhásach. Budh scannrach liom mar uain í, sneachtadh ghod dhalladh, chun tabhairt fén mbóthar: eaglach. Téigheann sé ar mheiscídhibh móra, scannracha, budh ghránda leat féachaint ar an gclódh a bhíonn air: caoireacha gránda, salacha. Tá an cogadh scannrach go maith anois ar dhaoinibh bochta ná fuil cluas ná éisteacht lé tabhairt do n-a nglór ach bheith ag fulang leó: imeaglach: a chuireas ina luighe ortha gur baoghalach dóibh. Chaitheadar oidhche scannrach, slinnte ag imtheacht den dtigh ortha, smúit dhá bhaint as na fallaidhibh: oidhche a chuirfeadh crithniughadh ar dhuine lé n-a holcas.

scannrachán: *f.1.* sanntach, suarachan; duine cruinn, cumhang. Raghadh an scannrachán chun dlighe leat i ngioll lé leathphingne: duine suarach, leithleachais, go dteastuigheann uaidh brabúch do bheith aige ar aon chuma. Ní fhágfadh an scannrachán blúire bídh agat dá bhféadadh é do chúbláil chuige féin: duine go mbíonn guilm air chun na breise, cam nó díreach. Féach mar alpann an scannrachán biadh!: duine cíocrach gur dhóigh leis ná féadfadh a sháith d'fhagháil lé craos.

scannradh: *f.1.* eagla, uamhan, uathbhás, mearbhall, anaithe, anamhóin, sceimhle; mór-mhian, cíocras; an t-aimeón, suaitheantas. Ná cuir scannradh ar na géadhannaibh fiadhaine, táid an-bhraithteach, druid leó go haicilidhe: eagla. Imtheóchair fé scannradh má thagair i dtreó an tighe, ní mó 'ná buidheach atáthar díot ann: go mear tapaidh le heagla. Tháinig sé chugham fé scannradh ná feadar cad budh bhun leis an ndeithneas: broid is deabhadh. Cad a chuirfeadh scannradh air? an diabhal féin, ní chuirfeadh .i. thabharfadh aghaidh ar aon rud. Choidhche ní imtheóchaidh an scannradh as a gcroidhe, thabharfaidís leath-ocras dóibh féin d'fhonn na pingne do chur i dtaisce: an fonn gránda chun an tsaoghail. Tá scannradh an chapaill orm, is cuma liom cad dhéanfadh an trucail: is measa liom go mór an capall go n-éireóchadh aon díth dhe. Bíonn scannradh na farraige air .i. ní bhíonn sé istigh leis féin a bheith uirthi. Is é an scannradh chun oibre: chuirfeadh an méid a dhéineann sé iongadh ar dhaoinibh. Deirtear gur ghoid sé an scannradh airgid sar ar rugadh air: an t-aimeón: mórchuid. Beirtí ar an scannradh éisc san am sara dtáinig na trollairidhe gaile ann: an-chuid Éireann. Ar an ocras a bhíonn air

chonnaic (an) scannradh uair éigin in áit éigin é: fuair sé an oiread san ocrais nár imthigh a chuimhne fós uaidh. Beir fada anois air, ná bíodh aon scannradh ort: aon deithneas. Is baoghalach go bhfeicfidh na daoine scannradh sara mbeidh an cogadh áidhbhéil seo thart: eagla maidir le broid is baoghal báis. B'shiúd é lá an scannraidh .i. an lá go raibh na daoine míoshuaimhneasach ina n-aigne le heagla a ndíthe. Ná cuir i gcuimhne dom é, fuaireas an scannradh saoghalta: an t-anbháthadh. Is é mo scannradh scéil gan airgead .i. is uathbhásach (orm) lé hinnsint. Ní lé cion uirthi théigheann sé ar scoil ach lé scannradh an bhata: an t-eagla go bhfaghadh sé bualadh. Duine fiadhain, ná tóg aon cheann de gan scannradh roim Dhia ná dhuine aige: gan eagla air go ndéanfadh Dia ná duine díoghbháil do: is cuma leis cad dhéineann sé as an slighe. Éist tamall éigin, tá an scannradh cainnte agat: an iomad ar fad. Féach a bhfuil ithte agam, bhí an scannradh ocrais orm: ocras trom, diachrach. An scannradh a fhág amuigh é .i. d'iarraidh bheith ag bailiughadh breise chuige chuaidh sé i gconntabhairt a chaill é. Níl aon scannradh ag an bhfarraige orm (agam): ní chuirim aon tsuim innte maidir le ceal meisnigh. Bheadh scannradh aige roim n-a scáth .i. é an-sceitimíneach. Imthigheadh an scannradh dhíot: beir breágh bog ar gach aon nidh.

scannradóir: *f.3. feic* **scannrach.** Scannradóiridhe iad san, ní mór go leigfeadh a gcroidhe dhóibh a ndóthain d'itheadh: rudaidhe suaracha, sprionnlaithe.

scannramhail: *a.* eaglach, uathbhásach, anbháthach, cíocrach, sanntach, suarach. Duine scannramhail chun an tsaoghail, nár mhaoidhidh Dia a bheatha air: duine a bhíos cíocrach chun maoine is gustail. Lá scannramhail a dhóthain seadh é chun bheith amuigh .i. chómh dona san go gcuirfeadh eagla ar dhuine. Duine ró-scannramhail seadh é chun é do chur in áit go mbeadh conntabhairt ann: faitchíosach: eaglach. Ball scannramhail go maith bheith ar charraig bháidhte is gan snámh ag duine: áit a chuirfeadh eagla ar chroidhe an té is meisneamhla. Nách scannramhail an scolfartach é ná tabharfadh cianóg do naoidhe na déirce: cinnte: sanntach. Ná bí chómh scannramhail sin, ní dhéanfaidh san aon díoghbhail duit: claon lé heagla do theacht air gan puinn cúise.

scannramhlacht: *b.3.* sanntacht, cíocras, eagla, suaraidheacht. Ní mór go leigfeadh scannramhlacht do a dhóthain d'itheadh: sprionnlaitheacht croidhe. Ina shuidhe roim lá ag obair tar éis na doircheachta, a scannramhlacht ina chroidhe gach tráth dá dhúiseacht: an ghuilm uathbhásach chun ruda shaothrughadh is do bheith aige. Lé scannramhlacht chun bídh cheangail cnámh ina scórnaigh: craos chun ithte. Leis an scannramhlacht d'éaluigh an daradha i bhfarraige as a láimh: líonrith chun ruda éigin do dhéanamh. Tagann scannramhlacht air mara bhfeiceadh sé ach geósadán ar bharr claidhe, dar leis gur phúca é: faitcíos: creathán spiride.

scannróir: *f.3.* sanntach, cníopaire, craosaire, duine dian. An scannróir sin! ar fhliuch sé béal fir riamh?: sprionnlóir. Ní haon scannróir é sin, ní bhíonn aon fhonn air breis oibre do bhaint as fhear: duine dian: saoiste cruaidh. Léan ort, a scannróir, caith uait an obair, téanam ar an rás, fágfair an saoghal id dhiaidh: duine a bhíos scamhaite chun maireachtana. Ní feachtas riamh fós ar chómhluadar na scannróiridhe ach ag dubh-obair: sanntaigh ná bíonn de mhairg ortha an tsaoghaltacht. Fan go fóill, a scannróir, nách ort atá an fonn, gheóbhair suidheachán chómh maith lé duine ach breith fada air: duine

d'iarraidh tosach do bheith aige. Tá cuma an scannróra air: clódh gur b'é an saoghal is nách seascaireacht is mó atá ag déanamh buadhartha dho. Cad dhéanfadh mac an scannróra acht leanamhaint i lorgaibh a athar .i. mac don asal an mhiúil .i. tá sé mar is dual is dúthchas do.

scannruighim: *b.a. 7 n-a.* eagluighim, scaipim lé heagla, sceimhlighim, bainim preab as. Cad scannróchad me? tusa?: a bhainfeadh mo meisneach díom. Is maith an té ná scannróchadh sé nuair chidhfeá chughat é, croimbéal go cluasaibh air, scaird ina shúilibh is sobal bán leis lé feirg: ná cuirfeadh sé laige spiride is meisnigh air. Ní scannróchadh bás ná eile é .i. tá árd-mheisneach aige. An locht air gur scannruigh sé nuair chonnaic sé an sluagh ghá ionnsaidhe: gur imthigh a meisneach. Lé déidheannaighe do scannruigh sé ar fad chun an tsaoghail: a imthigh sé gan aon deallramh chun bailighthe is taisce do dhéanamh. Ní scannróchadh Dia ná duine é .i. dhéanfadh sé aon rud gan cuimhneamh ar a dhualgas do Dhia ná do dhuine. An méid a itheann sé scannróchadh sé thu: chuirfeadh eagla ort. Scannruigh na colúir as an gcruithneacht: cuir an scaipeadh ortha lé heagla. Scannruigheas nuair chonnac an amhailt rómham ar an mbóthar gan choinne: tháinig anbháthadh orm. Scannruigh sé nuair chonnaic sé an t-anaithe chuige is thuit a ghéaga siar síos leis: tháinig an oiread san eagla air gur imthigh an bhrigh as. Scannruighis me nuair leigis an bhéic orm: bhainis preab asam a shuathaidh me. Cathain scannruighis chun na Gaedhealainge?: a tháinig an fonn go léir ort chúiche. Ná scannruigh rómham-sa, nílim leath chómh bagarthach is thaidhbhsighim: ná tagadh faitchíos ná líonrith ort. Scannróchadh sé thu féachaint air .i. tá droch-chrot air.

scannruighthe: *a.r.* eagluighthe, sceimhlighthe, scaipighthe lé heagla, cíocrach, dúlmhar. Níl sé chómh scannruighthe in ao'chor lé n-a dhreatháir: an oiread saoghaltachta ag baint leis. Níor ghábhadh dhuit a hainm do luadh leis nuair chritheann sé, tá sé scannruighthe roimpe: lán d'imeagla. Riamh ní raibh ceannuightheóiridhe chómh scannruighthe chun éisc: chómh cíocrach chun a cheannuighthe. Táim scannruighthe aige, tá eagla orm go n-ídeóchaidh sé é féin: nílim istigh in ao'chor liom féin: táim an-shuaidhte. Daoine scannruighthe iad san, ní chómh so-chroidheach leis an ndream eile táid: sprionnlaithe, cíocrach chun an tsaoghail. Scannruighthe go bhfaghaidh sé bás leis an ocras: a aigne an-shuaidhte. Bhíos im fhear scannruighthe ag an oidhche: sceimhlighthe: ghoill sí chómh dian san orm gur bhuaidhir sí me agus go bhfuilim suaidhte.

scannsail: *b.3.* áiteamh, argóint, conspóid. "Beidh pléidhe againn chun na Samhna ar gach n-aon do cheap an scannsail": iad so is bun lé háiteamh do chur ar bun. Is mór go léir an seódh é chun scannsala i dtaobh an chogaidh, ní bhíonn ina bhrághaid is ina bhéal ach é: argóint. Ná bíodh aon scannsail agaibh air, ní fiú é, cuirtear ar crannaibh é: bruighean ná áiteamh.

scaob: *b.3.* an oiread de chré, salachar etc. is tógfaí ar shluasaid, scraith. Níor dhein sé scaob oibre lé bliadhain .i. rian ar bith. Caith scaob roim an uisce sin: cuir salachar, scraith, etc., roimis chun a chosctha. Is mithid scaob do chur ar na prátaidhe anois tá an bhliadhain ag dul chun déidheannaighe: cré (aithchré) do chur le sluasaid ortha. Caith scaob ar an ndíon, tá sé dhá fhuadach ag an ngaoith: fód, cré, scraith, salachar, etc., a choimeád an tuighe ina luighe air. Go dtín lá go gcuirfear an scaob orm beidh cuimhne

agam ar an ndíochúis a deineadh orm .i. go gclúdófar san uaigh orm. Aon scaob earraigh níor iompuigheadar fós: aon chor níor cuireadh den dtalamh. Is díomhaoin an paca iad nár chuir scaob aoiligh amach fós: lán sluaiste nó píce. "T'r'om scaob den ubh", ars an leanbh: oiread is thógfadh an spíonóg. Ní raibh scaob de thalamh na hÉireann riamh aige: fód amháin. Is iomdha scaob curtha tharais aige lé n-a ré: mórán oibre.

scaobadh: *f.* (*-btha*) ag oibriughadh lé sluasaid, scartadh. Bí ag scaobadh leat, mo tuairm gurb í an uaigh cheart atá agat: ag tógaint na bhfód is ag aistriughadh na cré. Ag scaobadh an aoiligh ar an dtalamh: ghá chaitheamh lé sluasaid. Ag scaobadh an uisce lé n-a lámhaibh: gha thaoscadh. Ag scaobadh na láthrach: ghá scartadh.

scaobaim: *b.a.* scartaim, glanaim, aistrighim lé sluasaid. Scaobh uaigh sa log san: follamhuigh: déin ionad uagha ann. Scaob ar na prátaidhe, tá siad an-chaillte dá cheal: cuir cré ortha. Scaob air, ná feiceadh éinne thu: cuir clúdach na talmhan air. Scaob chughat an t-airgead, is é do chuid é, bhuadhais go macánta é: bailigh chughat léd bhasaibh. Fan go scaobad an salachar san as an slighe .i. go gcuireadh tharm lé sluasaid. Scaobann sé chuige féin gach aonnidh: bailigheann chuige.

scaobóg: *b.2.* lán sluaiste, spíonóige, cnapán dlúith d'uachtar na talmhan, seáp. Thug an tarbh scaobóg dá cheann don gclaidhe is chuir cré is scraithinidhe san aer: ruathar. Níor itheas scaobóg den ubh, bhí glogar ann: oiread is lán spíonóige. Scaobóg uisce níor fhágamair i bpoll na mbreac gan taoscadh as: braon. Scaobóg ar scaobóig chaith sé amach a raibh de chré idir dhá fhalla.

scaoileadh: *f.* (*-lte*) scaradh, bogadh, dí-ghreamughadh, fuascailt, réidhteach, scaipeadh, leathadh, lámhach, léirscrios. Is fearr scaoileadh maith ná droch-phósadh: scaramhaint shásamhach ar lánamhain. Cá bhfuil an scaoileadh ar an ualach so?: an áit chun an ghreamuighthe atá air do bhogadh. Ar tí dulta 'on leabaidh dom agus me ag scaoileadh mo bhróg: ag baint an chuibhrigh nó an cheangail díobh. Ag scaoileadh na punainne: ag baint an chuibhrigh di. Ag scaoileadh a chuid airgid uaidh mar leigfeadh lé gaoith é: ghá chaitheamh go rabairneach: gan aon ghreim aige air. Táim ag scaoileadh leat an turus so ach má gheibhim cúis airís ort, luighfead mo ghreim ort: ag tabhairt do shaoirse dhuit. Bhí na bráigheanna gan scaoileadh um an dtaca san: gan a saoirse do bheith fachta aca. Fuaireas órdughadh na capaill do scaoileadh amach: leigeant dóibh gluaiseacht fén mbán: cead a gcos do thabhairt dóibh ar stábla. Iarradh air amhrán do scaoileadh chughainn, ach leis an leisce níor oscail sé a bhéal: do rádh: do chanadh. Mise d'iarraidh gan mo mheisneach do scaoileadh ar lár, ise is gach aon lógóireacht aice go rabhamair báidhte: do leigeant uaim: gan imeagla do theacht orm. "Fiche uair, a ghiúistís, dubhart leis bogadh dhíom agus scaoileadh liom i mbun mo ghnótha féin, ach is ag daingniughadh ionam do bhí sé": cead gluaiste do thabhairt dom. Nuair chromann sé ar scaoileadh lé n-a theangain ní fios cá stadfadh sé: cead cainnte is reatha do thabhairt di: gan aon chosc. Táthar ag scaoileadh ró-fhada leis (gan é do thabhairt chun cunntais etc.) .i. gan cosc ná bac do chur leis. Níor dhein sé ach scaoileadh leis an gcapall nuair ná feacthas do go bhféadfadh sé aon lámh do dhéanamh air: leigeant do imtheacht. Ar theacht don Earrach anois is é tuairm mhórán go mbeidh scaoileadh binbeach fé armaibh an chómhraic: go ndéanfaid a bhfuil ionta chun a chéile do chlaoidheachtaint. Bí ag scaoileadh na dighe orainn: ghá

líonadh amach chughainn. Ag scaoileadh na dighe tímcheall: ghá riar ó dhuine go duine. An bhfuil an soitheach san ag scaoileadh uaidh?: léic ann: uisce, etc. ag éalódh as. Chuaidh sé cois claidhe chun scaoilte uaidh: a shalachar nó a bhraon uisce do dhéanamh. An bhfuil an tsnaidhm sin ag scaoileadh?: an glas nó an greamughadh ag bogadh nó ag imtheacht di. Bead-sa ag scaoileadh fé anois, éirigheadh liom nó ná héirigheadh ag tabhairt iarrachta fé: ag déanamh an bhóthair, etc. An fén nDaingean atáir ag scaoileadh?: ag gluaiseacht fé dhéin, etc. Bí ag scaoileadh an uisce the ar an dté, brostuigh: ghá leigeant air: ghá dhortadh. Mo lá dóighte, is iad atá ag scaoileadh fé n-a chéile san Afraic Thuaidh na laetheanta so: ag lámhach 'sag ionnsaidhe go fíochmhar. An lamhnán ag scaoileadh as: an ghaoth ag éalódh. Riamh ní raibh oiread dhá scaoileadh as féin aige is tá indiu: an oiread san buaithré cainnte fé. B'éigean dom scaoileadh den dtéid, bhí an iomad teannta uirthi .i. mo ghreim do bhogadh di. Chaitheas scaoileadh leis an bhfeirm: scaramhaint léi. Scaoileadh gan ceangal air! déarfaí lé rud a theastóchadh uait d'fhanacht ceangailte is ná fanfadh. Ag scaoileadh an ualaigh do thóg an capall geit: an t-ualach do leigeant di (as an dtrucaill), na téada nó pé ceangal eile do bhí air dhá dhí-ghreamughadh. D'athchuingheas air é do scaoileadh tharais, ach ní dhéanfadh sé rud orm, ní raibh uaidh ach coimhtheas do chur air: gan bac leis: gan eadrán do dhéanamh air. An grán garbh do scaoileadh ameasc na gcos againn: do scaipeadh lé neart. Níor tugadh aon scaoileadh fós riamh ar connus do báthadh Citsinear: réidhteach, míniughadh. Cora cainnte im theangain atá ag dul díom, mo lagar, agus go dtabharfainn rud mór maith ar a scaoileadh do bheith agam: a réidhteach. Nílthear ghá scaoileadh isteach fós .i. an pobal glaoidhte chun Aifrinn. Ag scaoileadh an té amach: ghá leigeant, dhortadh in árus. Déineann loch den uisce ar an dtalamh tuinn úd, mar ná fuil aon scaoileadh aige: sraoth: slighe imtheachta. Aon scaoileadh (ón bpian) ní bhfuair sé i rith na hoidhche: fuascailt, faoiseamh. Pósadh an fhóghmhair scaoileadh an earraigh .i. mara mbíonn toradh sa bhfóghmhar agat ní bheidh sé ged chuid eallaigh san aithbhliadhain. Déineadh dícheall maith ar gan an scéal do scaoileadh amach: do leathadh amach. Ag ól chun an bhróin, dar leis, do scaoileadh dá chroidhe: scaipeadh. Beidh scaoileadh mór ar na saighdiúiridhibh tar éis an chogaidh, is cosamhail: leigeant as an arm. Ag scaoileadh na gcon dá n-éill: ag baint an ghreama dhíobh. Béas gránda bheith ag scaoileadh cloch lé faill: ghá mbaint as a n-ionad is ag tabhairt cead reatha lé fánaidh dhóibh. Bheifí ag scaoileadh na ngadhar leis dá bhfaighfí ar an mbaile so é: ghá ngríosadh chun dulta ar a thóir. An bhfuil na tairric dhá scaoileadh agat? na slabhraidhe, téada, etc., a bhíos ar ghléas iomchair (trucaill, etc.): dhá mbaint anuas: an greamughadh dhá bhaint díobh. Ar scaoileadh an urchair as an ngunna speach sé sa ghualainn me gur leag ar chaol mo dhroma me: ar leigeant. Ar scaoileadh mo shúl ar an aiste thugas fé ndeara a fheabhas a bhí sí saothruighthe: ar leigeant dom shúil for-bhreithniughadh do dhéanamh uirthi. Ag scaoileadh an deimhis ar an éadach: dhá ghearradh leis. Ag scaoileadh an iarainn ar mo bhóna: ag iarnáil an bhóna. Ghá scaoileadh féin ar a thóin seadh chuaidh sé síos leis an bhfaill: ag sleamhnughadh air. B'fhearra dhuit go mór agus go fada furmhór a gcloisfeá do scaoileadh thar do chluasaibh 'ná bac leo: gan éisteacht leo. Sin é, níl aon amhras ná gur cheart duit mórdháil do bheith agat asat féin. Ag scaoileadh daoine eile tharat amach ná fuil a leath oiread incheann aca: ghá leigeant chun cinn ort. Ar an bhfuadar atá fé ní fios cathain stadfaidh sé, tá sé ag scaoileadh tharais ó mhaidean ar lán an bhata: rith seama fé. Ní deacair teacht uaidh, pé tuairm atá agaibh-se as, b'fhuraiste leis duine do scaoileadh tharais: súil do dhúnadh air: gan milleán do thabhairt do. Cuirtear tairnge i gcrúdh an chapaill, tá sí ar scaoileadh:

bogadh fé: ar corruighe. Ag scaoileadh a deór a chaithfidh sí an chuid eile dá saoghal anois: ag gol 'sag caoi. Beidh an Riaghaltas ag scaoileadh airgid ar oibreachaibh sara fada: ghá leigeant amach ortha chun iad do dhéanamh. Ar mhaith leat-sa scéalta do scaoileadh amach ort: do leathadh ort. Beifear ag scaoileadh an pheictiúra ar an scannán sara fada: ghá fhoillsiughadh. B'é béas Chromaill a shaighdiúiridhe do scaoileadh ag sluid is ag scrios: cead a gcinn do thabhairt dóibh. "Agus adubhradar dream áirighthe den mhuinntir a bhí ina seasamh annsin riú, créad do ghníthí ag scaoileadh an tsearraigh?" (Marc XI. 5): ag baint an cheangail de. B'fhearr liom é do scaoileadh lé gaoith 'ná é do thabhairt do: gan aon choimeád do dhéanamh air dom féin ná d'éinne eile. Ag scaoileadh a choda leis an sruth: ghá chaitheamh go hait is go hamadántamhail. Ag scaoileadh a seólta i moch na maidne lé cóir ghaoithe ghluaiseadar chun farraige: ghá n-árdughadh is ghá leathadh amach: ag tabhairt mol dóibh. An tsruth ag scaoileadh ó thuaidh: ag gabháil. Ní bheadh aon mhairg air tú do scaoileadh lé faill: do leigeant duit tuiteam nó do chaitheamh. Tar éis an cat do scaoileadh as an mála seadh thuig sé é féin is b'fhearr leis go mbeadh barra na teangan de: scéitheachtaint air féin. Báisteach ghom bhualadh mar beifí ghá scaoileadh as béal cana: ghá dortadh. Is mó de mhaitheas 'ná de dhíoghbháil dúinn na beannachta do scaoileadh orainn: do dhortadh: do chur linn. Tabhair fé ndeara é, tá scaoileadh fé: siubhal is éascaidheacht. Thug sé scaoileadh dá chuid airgid: chaith sé go flúirseach é. Thugas gach aon iarracht ar na madraidhe do scaoileadh: do bhaint as a chéile. Níl aon rud is fearr leis sin 'ná scaoileadh leis .i. a thoil féin do thabhairt do. Thug an gearradh i bhfad ag scaoileadh fola: ag tabhairt go fuidheach. Ná bí ag scaoileadh dhíot in ao'chor chun bruighne, níl éinne annso a raghaidh leat: ag caitheamh do chasóige etc., díot. Thugas an lá ag an gconntabhairt ag feitheamh lé huain is gan neach i mbun me scaoileadh chun siubhail: freatháilt orm go bhféadainn gluaiseacht. Ná tuig go bhfuilim ghá scaoileadh leat lé heagla rómhat: ag fágaint an fhir mhaith agat: gan buaidhreamh do dhéanamh ina thaobh. Fan mar a bhfuilir agus dí-scaoileadh ort! .i. nára fhuasclaidh éinne thu. Nách ort atá an béal mór bheith ag craobh-scaoileadh gach aon scéilín a chloisir: ghá leathadh leis an saoghal mór. B'é an tábhairneóir é go raibh an croidhe mór aige, is air budh gheairrid tart duine do scaoileadh: do mhúchadh. Scaoileadh mo bhróg, ní thabharfainn do .i. droichmheas. "Agus do rinne sé seanmóir ag rádh, tig im dhiaidh-se neach is neartmhaire 'ná mise ag nách fiú me cromadh agus iallach a bhróg do scaoileadh" (Marc I. 7). Éirigheadh leis an luing nó ná héirigheadh, tá sí ag scaoileadh thríd: ag sáthadh: ag gluaiseacht mar is fearr a fhéadfaidh. Bhíos d'iarraidh gan m'aigne do scaoileadh air: d'iarraidh gan bheith ag machtnamh air. Tá sé chómh deallramhthach leat gur dhóigh lé duine go mbeifeá tar éis é do scaoileadh as do bhéal: é d'úirleacan. Seo ag scaoileadh a chasóige dhe é, chun mo bhuailte: ag oscailt na gcnaipidhe is ghá baint de. Táim ag scaoileadh teachtaireachta leis – púnt ime do bhreith chugham: ghá chur mar chúram air. Táid ar tí scéala cleamhnais do scaoileadh chuige: do chur chuige lé teachtaire nó i leitir. D'fhógras air gan me do scaoileadh as a radharc: súil do choimeád orm. Ag scaoileadh gach aon rud a bhíonn ina láimh ar bóiléagar .i. gan é do chur chun críche. É do scaoileadh uaidh ar shleap-mhargadh: scaramhaint leis ró-shaor. Caithfear féachaint i ndiaidh an bháid sin, tá sí ag scaoileadh: a mhaislidhe ag bogadh. Is mithid dúinn scaoileadh, tá lá tréan oibre curtha sa chipín againn: scur, tá lá maith críochnuighthe againn.

scaoilim: *b.a. 7 n-a.* bogaim, leigim ó, as, do, le etc., bainim de, etc., fuasclaim, scuirim, deirim lé neart, réidhtighim, scaraim, scaipim, doirtim, lámhachaim, bainim an fáisceán de, tugaim cead do. Scaoil lé n-a shróin é, gheóbhaidh sé cion a dhearmaid: leig do a thoil a dhéanamh, beidh aithreachas dóighte fós air. "Cé scaoil amach é, iad, etc.?" deirtear i bhfonn magaidh. Ná scaoil leat féin ar fad, ní raibh an méid sin déanta aige, áidhbhéis dar liom: ná bí ag maoidheamh ná ag cur lé. "A phartáinín bheannuighthe, bog díom do ghreamanna is scaoilfead an fharraige airís thu": tabharfad cead dulta innte duit: leigfead uaim thu. Sin é, scaoil leis an ngaoith do chuid airgid: caith go hait is go hamadántamhail é. Ná scaoil tú féin lé sruth ar fad, múscail!: ná leig duit féin imtheacht ar fóraoil. Scaoil a cheann leis an gcapall, ná bíodh an tsrian teann agat: leig do imtheacht mar is maith leis. Ní bheifeá mar taoi id bhleaigeárd bhreágh thoghtha mara mbeadh gur scaoileadh do cheann is do chosa leat as t'óige: gan srian gan bac do chur ort. Scaoil leat, ná tagaim-se treasna ort: lean ar t'aghaidh: méaduigheadh ar do bheart. Scaoil sé lé fánaidh (faill, sruth etc.) a raibh aige: leig uaidh gan aon aire. Ná bíodh aon cheilt agat air, scaoil amach é: admhuigh é: aithris in iomláin é. Ná scaoil isteach id cheann cipín go bhfuilim-se i mbun aon chabhartha do thabhairt duit: ná leig isteach: ná bíodh sé d'aiteas ort machtnamh air. Nuair bhí braon caithte aige scaoil sé amach a raibh ina bholg: scéidh sé air féin. Gura buan lámh na carthanachta agus Dia go scaoilidh gach broid díot: go bhfuascladh. Nár scaoilir choidhche! maran ort atá an greim (lé héill, téid, etc., nuair bheifeá clipighthe aca). Scaoil an madra dá éill: an greim atá air bain anuas é. Ná scaoil aon chloch leis, b'fhéidir duit a ghortughadh: ná caith: ná rúid. Scaoileadh urchar liom a ghaibh ó thaobh taobh díom: caitheadh lé gunna. Scaoilim mo bheannacht, is beannacht Dé leat: cuirim go fonnmhar. Ná tagtar eadrainn, scaoiltear chun a chéile sinn, is fada ag faire sinn ar a chéile: leigtear dúinn troid. Scaoiltear na ba is na caoire i bhfochair a chéile: cuirtear nó leigtear dóibh dul. Scaoiltear chun siubhal me: ná coimeádtar a thuilleadh moille orm: tugtar cead mo chos dom. Is fada gur scaoileadh as an siopa me: gur freastaladh orm is gur ghluaiseas. An bhfuil a fhios agat go raibh an oiread san uile air chughat go scaoilfeadh sé an ghaoth 'san ghrian tríot dá bhfaghadh sé greim ort: go lámhachfadh thu. Scaoil tríotha, ná bíodh aon truagh agat dóibh: gluais tríotha lé fuinneamh. Ná scaoil treasna an bád nó iompófar í .i. congaibh i dtosach i gcoinnibh na gaoithe nó na farraige. Scaoil díot anuas, is téighir ar snámh: nocht thu féin. Choidhche ní scaoilfir cuimhne an chailín bhreágh úd as do cheann: ní dhearmhadfair í. Scaoilfir an ghaoth as an lamhnán mara ngreamuighir é: leigfir amach. An scaoileann an soitheach san uaidh?: an éaluigheann lacht as? An scaoileann sé amach gach nidh mar deirtear?: an scéidheann sé? Scaoil amach thu féin air: cuir breis chuthaigh ort féin: déin a bhfuil ionat. "Sin í an chainnt is scaoil amach mo bhean chugham": carbhall é seo le linn ruda a chlos go mbíonn fógairt nó bagairt ann .i. sin í an chainnt go bhfuil blas, dath is croiceann uirthi. Scaoil chugham a thuilleadh den dtéid: bog liom í. Scaoil a thuilleadh snáithín den gceirtlín: bain di. Ná scaoil anuas ar fad an seól: ná hísligh é. Ná scaoil a thuilleadh anuas (den lochta etc.): ná leig a thuilleadh. Scaoil anuas tú féin ar an dtéid: leig duit féin teacht anuas lé n-a cabhair: ísligh thu féin. A Dhia, scaoil anuas ó neamh do bheannacht orainn: doirt orainn. Scaoil aníos an madra chugham: leig do theacht (ar mo ghlaodhach lé teachtaire ar éill etc.). Scaoil chughainn an scéal anois mar chualaís é: aithris dúinn é. Scaoil chughainn, tar éis do thurais: aithris dúinn. Scaoiltear ina chéile an dá airgead: cuirtear in aon mhúirle amháin é. Scaoilfir chun báis thu féin ar an ndroichbhiadh sin: leigfir chun báis thu féin. Ná scaoil éinne chun cinn ort má fhéadair: ná leig do neach

buadhachtaint ort. Scaoil chun deireadh .i. gluais go mall agus leig a thuilleadh chun tosaigh ort. Scaoil siar é sin faid agus bheidh sé te: sloig é. Ná scaoil soir siar do chuid airgid .i. congaibh baileach é. Scaoil orm: aithris dom: tabhair dom. Ná scaoil an t-uisce te orm: ná leig nó ná caith. Scaoil air anois: tabhair fé. "Cé mór an crádh tharrthuigh rómhat/ ní raibh blas ná dath ná tóirse air/ da ríribh gan fhuigheall gan fóbairt/ fám chroidhe-se gur scaoileadh an sceól-so": gur ghoill go docht air nuair chuala é. Cé scaoilfeadh fén bhfarraige fhiadhain sin ach amadán éigin go mbeadh fonn a bháidhte air: a thabharfadh fé dhul in áit éigin uirthi. Scaoileamair fé Thráighlí ar ghealadh lae: seo linn ar gluaiseacht fé n-a dhéin. Scaoil dem cheann: bog díom pé greim atá air: tóg do lámha díom. Scaoil asat: labhair is abair a bhfuil lé rádh agat. Scaoil an tsnaidhm: an glas atá uirthi bain anuas é. Ná scaoil uait ar chomha ná ar chleas: congaibh greim docht ar an rud atá agat. Ní scaoilfidh súd éinne os a chionn nó is de a raghaidh chun cinn air: a bheith ró-mhaith dho. Scaoil ina dhiaidh, b'fhéidir go dtiocfá suas leis: lean go luath mear é. Scaoil ina choinnibh: téighir ina dháil (chun a chosctha, etc.). Scaoileadh mo scéal fé bhrághaid luchta an bhúird, ach níor bhuaileadar an seantáille dhom: cuireadh ós a gcómhair é. Aon rud ná taithnigheann leat scaoil thart: ná bac do. Níor scaoil sé éinne riamh tharais, is ní scaoilfidh choidhche ach ag déanamh buadhartha: níor leig dóibh agus aire do thabhairt dá chúram féin. Luigh isteach fén scairt is scaoil thart an cioth sin, tá mórán uisce ann: leig di gabháil thart gan í do thuiteam ort. Scaoileadar a seólta i gcoim oidhche is tásc ná tuairisc ní bhfuairtheas riamh ó shoin ortha: leathadar lé gaoith. Scaoiltear chun an ropaire me, is fada ghá thuilleamh é: leigtear chun bruighne leis me. Scaoileann sí a haigne ró-mhór ar a buadhairt: cómhnuigheann uirthi. Ná leig isteach in ao'chor an bitheamhnach, scaoil lé sioc is lé fuacht é: fágtar fén sín é. Scaoil sí a dhá láimh is bharróg lé n-a croidhe é: leath amach. Scaoil ár dtreasa, fairír! nuair cuireadh an lá orainn: scaipeadar. Scaoil uait: leig as do chliabhlach nó as do lamhnán. Ná scaoil do bhrollach liom: ná nocht dom lé feicsint é. Scaoil 'o chodladh na leanbhaidhe sin, tá an oidhche thar druim: leig dóibh dul chun suain. Scaoil an deoch orainn, táimíd píopálta ag an dtart: riar amach orainn í. An té a scaoilfeadh dom do scaoilfinn do .i. an té a dhéanfadh maith orm chúiteóchainn leis é. "Agus croithfidh ar an té bhias ré glanadh ón lúbhra seacht n-uaire é, agus foillseóchaidh é bheith glan, agus scaoilfidh amach an t-éan beó fán machaire réidh" (Leibh. XIV. 7): tabharfaidh cead eitill do. Dá scaoiltí an cnapán san do thiocfadh othar as: dá leigtí é: é do lannsáil. Tá sé pósta is nára scaoiltear é go scaoilfidh an bás é: nára scartar ó n-a mhnaoi é. Ní scaoilfead leat a thuilleadh: ní leigfead duit a thuilleadh fiach do chur ort féin. Scaoil an ghaoth orainn tríd an mbealach: tháinig sí orainn go tréan. Scaoil an fuagháil im thriubhas ó alt go cromán: chaill na greamanna ann. Scaoil an bonn óm bhróig: d'imthigh an fhuagháil is scar sé. Deir na Seapánaigh go scaoilfid na Filipínigh: go dtabharfaid a saoirse dóibh. Sin é díreach an lá scaoileadh me: leigeadh amach as charcar nó ghabhann. Ná scaoil léd bhuillidhibh, táir ró-láidir: ná leig do neart ar fad leo. Scaoil leat féin, ná tabhair lé rádh go mbuaidhfear ort: cuir do neart ar fad id ghníomh. Ná scaoiltear leis an madra san, madra maith seadh é: ná leigtear do imtheacht. Cad n-a thaobh nár scaoilis focal de scéal chómh tábhachtach leis chugham: nár innsis dom é.

scaoilte: *a.r.* bogtha, ar bogadh, fuascalta, réidhtighthe, oscailte, leachta, scaipighthe, saor, saortha, éascaidh, lúthmhar. "Clocha ceangailte is madraidhe scaoilte", ars an bacach maidean sheaca nuair bhí madraidhe an bhaile ar a thóir. Leig dom anois, tá do

chuid ceisteanna go léir scaoilte agam: réidhtighthe. Ní raibh am agam mo bhróga do bheith scaoilte agam sar ar mhúch an solas: greamughadh na n-iall bogtha. Is ró-ghearrid an mhoill air siúd smut de bhóthar do chur de, fear scaoilte fuinneamhail: éascaidh ar a ghéagaibh. Ní fuláir nó tá lúth is ceól ann ar an gcuma scaoilte atá air, siubhlann sé chómh héadtrom lé héan: éascaidh, so-ghluaiste. Tá sé de leathscéal aca go bhfuil a gcómhacht aoir ró-scaoilte ar fuaid an domhain is gur deacair dóibh cruinniughadh i neart in aon bhall áirighthe: scaipighthe: ró-fhánach. Ní mór an iontaoibh do bheadh agam as geallaim dhuit, tá béal ró-scaoilte air: tugtha do n-a n-iomad cainnte do bheith aige. Féachaidh poll scaoilte!: duine ná bíonn coimeád aige ar aonnidh n-a chliabhlach. Buidheach 'o Dhia go bhfuilim scaoilte óm mhargadh .i. ná fuil aon ghreim orm ina thaobh. Ceangailte nó scaoilte conntabhairt seadh dul in aon ghiorracht do: mar seo nó mar siúd. Éadach ró-scaoilte ní dóigh liom go mbeadh sé buan: an fighe ró-scartha ó n-a chéile. Chídhim go bhfuil an rásúr scaoilte ar do chorrán agat, is é atá go glé, glan: gur bhearrais thu féin. Sin é do chuid té scaoilte amach, ól é: leigthe in árus chughat. An siúicre a cuireadh air seo, tá sé go léir scaoilte: leachta. Tá sí ar a toil féin, dar léi, ó tá sí scaoilte ó chuibhreach an phósta: scartha: gan uirthi a coinghealla do chóimhlíonadh. Fear leigthe, scaoilte é siúd go bhfuil fadhairt is fuinneamh ann: déanta go córach agus é chómh héascaidh lé héan. Is mithid díbh bheith scaoilte fén obair, tá an mhaidean go léir caithte: cromtha uirthi. Dá mbeadh scaoilte fé in am agam bhéarfainn na cosa go dtín tigh ón sneachtadh: dá mbeadh curtha chun gluaiste agam. Tá a ghrásta scaoilte ag Dia air, má bhí ar éinne riamh: doirtighthe: leagtha. Caithfead stad, tá gach aonnidh scaoilte orm: leachta: imthighthe: scaipighthe. Tá an leitir scaoilte chuige agam: curtha tríd an bpost nó lé teachtaire. Ná fuilir scaoilte chuige fós? .i. pé rud a bhí fút do dhéanamh ná fuilir tosnuighthe fós air? An bainne go léir scaoilte as ag an soitheach: leigthe uaidh: éaluighthe trí pholl. Ná fuil na bráigheanna scaoilte as an bpríosún fós: leigthe saor. Na líonta scaoilte agam: scartha (bainte) as a chéile. Níl scaoilte díom fós agam, níl uaim ach mo léine: caithte dhíom: nochtuighthe. Má leanann air mar tá ní bheidh scaoilte ag an ndlighe go bráth díom: stadta dhem chiapadh. Bheadh scaoilte lé n-a chuid airgid aige mara mbeadh a luaithe cómhairligheadh é: scartha leis go haindeis. A raibh aige scaoilte lé haer an tsaoghail: caithte go haindeis, go bog, go hait, gan aon aire. Tá mo bhean scaoilte uaim agam, ní réidhtighimís lé n-a chéile: leigthe léi: scartha agam léi gan aithreachas. An bhfuil an chuid eile scaoilte thart agat, cad é an mío-ádh a bhí ort: iad leigthe chun cinn nó bheith ró-mhaith dhuit. Tá sé scaoilte tríotha mar beadh seabhac trí scata mion-éan: gabhtha tríotha lé fuinneamh agus léirscrios. Dá mbeadh piléar scaoilte ina measc, chuirfeadh sé scaipeadh ortha: caithte go flúirseach. An chulaith seo scaoilte ar nós na coda eile agat: droich-cheann tugtha dhi. An fada scaoilte amach é? deirtear lé duine a bhíos leigthe as an ngealtlann, príosún nó gabhann eile. A folt léi scaoilte síos go sáil: ina slaod gan cheangal. D'fhéadfadh duine beagán do chaitheamh 'sa bheith galánta ameasc daoine gan bheith ró-scaoilte ar fad: an fuadar go léir chun caithte. Teann ar do théid, tá sí ró-scaoilte agat: leigthe léi ró-mharbh. Má ólair an iomad de san gheóbhair amach go bhfuil sé an-scaoilte: claon lé so-ghluaiseacht as an gcliabhlach. Ní féidir cúladh anois, tá an t-urchar scaoilte: caithte. Féach annsan thíos ar an sráid scaoilte marbh ag saighdiúir é: caithte air: lámhachta.

scaoilteach: *a.* scéidhteach, so-ghluaiste, soi-leachta, scaipightheach, rabairneach. Nách béal-scaoilteach an ruathaire é go mbíonn gach aon scéilín ar a ghob aige, gan aon scath

in ao'chor air: scéidhteach. Céaca is béal-scaoiltighe .i. is lugha choimeádfadh rún. Níor ghábhadh dhuit oiread ar fad do rádh leis, chuirfeá olc a dhóthain air gan bheith chómh béal-scaoilteach .i. gan an rith ar fad do thabhairt don dteangain. Is fíor-mhaith an earra lé caitheamh bláthach, bíonn sí an-scaoilteach: oibriughadh ar nós na purgóide innte. Tá do phaca ró-scaoilteach ní fhanfaidh gráinne ann: é fighthe ró-scaguighthe. Tuitfidh bhur mbórd as a chéile mara bhféachtaidhe chuige, tá a maislidhe go léir scaoilteach: ar bogadh. Folt fada scaoilteach uirthi siúd siar síos léi: scuabach. An locht is mó dá raibh ar fhear riamh tá sé air, é do bheith ró-scaoilteach fé n-a chuid airgid: rabairneach: laimhthighiseach. Fág fúithi siúd greim do chongbháil ar a cuid, is í ná fuil scaoilteach: boigéiseach fé: claon lé scaradh leis. Téad bhog scaoilteach ní maith í .i. í bheith ag scamhadh. Bhaineas lé buidhin a bhí ró-scaoilteach agus a chloiseadh an lucht ceannais cad bhíodh ar siubhal againn: ró-thugtha do chainnt. Ná bí scaoilteach léd theangain, léd láimh ná léd bhuille: tugtha don iomad cainnte, caithteach, ná claon lé troid do chur.

scaoilteach: *f.1.* scéidhteóir, spiaire, scaipightheóir. An fhírinne ghlan atá agam, idir me agus Dia, cathain bhíos-sa im scaoilteach éithigh: leathadóir. Scaoilteach ráflaidhe seadh thu, is fada aithne anois ort, ní chuireann neach beo aon tsuim id ráidhtibh: leathadóir gan chuimse. Is é an scaoilteach i dtigh an tábhairne é: an duine ró-rabairneach.

scaoilteacht: *b.3.* claontacht lé scaipeadh, greim do chailleamhaint, scaguightheacht, fánaidheacht, buigeacht, so-ghluaiseacht, dobuan, buigeacht cliabhlaigh, éascaidheacht cuirp. An bhfeacaís an poc san? ná raibh ceól ar a chúl? cad dheánfadh scaoilteacht an fhir a bhuail í: fuinneamh is éascaidheacht: "scóp" géag. Tá scaoilteacht orm, fuaireas fuacht: dobuan: iomad gluaiseachta as mo chliabhlach. Ní lé n-a scaoilteacht ná fuil airgead aige: breis rabairne. Duine thu nách iontaoibh rún do thabhairt duit, tá iomad scaoilteachta ag baint leat: breis chainnte thar mar oireann: neamh-chluthaireacht. Ní cheannóchainn an t-éadach san lé n-a scaoilteacht: scaguightheach: an fighe gan bheith dlúith ar a chéile. Ná bíodh aon iongadh ort daoine bheith tarcuisneach leat, bíonn an iomad scaoilteachta léd theangain: gan aon tsrian léi. Fuair an t-airgead scaoilteacht a rian air, ní fada sheasaimh sé: "gaoth": scaipeadh gan aire. Ní seól maith chun gaoithe do tharrac é, tá an iomad scaoilteachta ina lár: fairsinge.

scaoilteóg: *b.2.* bairlín, leithead, taisléine, fasc. Chas sé an tobac istigh i scaoilteóig pháipéir: ádhbhar páipéir fillte. Cuir an scaoilteóg ar an mbórd fés na prátaidhibh: leithead: clúdach don mbórd nách éadach cláir. Beirtear an corp chun an tighe i scaoilteóig lé n-a thórramh: bairlín chun cuirp d'fholach.

scaoilteóir: *f.3.* fuascalthóir, duine nó rud a thugas saoirse. Níl baoghal orainn, tá scaoilteóir carthanachta in ár measc: duine nách aon nath aige cabhair do thabhairt. Bhí an t-eallach ag imtheacht ag an mbáille i ngioll lé cíos nuair tháinig scaoilteóir maith éigin a dhíol é, is leigeadh leo: fuascalthóir. Dia, moladh is buidheachas leis, scaoilteóir ár bpeacaidhe: an té gur féidir leis a maitheamh.

scaoin(g): *b.2.* scaoilteacht, scuins, buinneach, lacht ag teacht caol, láidir ina sconna. Chuirfeadh an méathas san scaoin(g) ort: dobuan. Leann dubh ag teacht ina scaoin(g) orainn: go flúirseach. Tagann an ghaoth de dhruim an chnuic ina scaoin(g) go

mbainfeadh sé préamhacha as thalamh: ina sconna: mar scaoilfí lé héigean as rud éigin. Báidhfear sinn, tá an sáile gorm ina scaoin(g) trí thóin an bháid isteach: ina sconna: streall chaol fhuinneamhail. Ní raghfá amach fén scaoin(g) bháistighe sin: báisteach ina clagairt mar bheadh ag teacht lé héigean. A bhfuil d'eallach sa pharróiste ag fulang lé scaoin(g): so-ghluaiseacht bualtaigh. Scaoin(g) go gcuiridh ort! lé duine cíocrach chun bídh.

scaoinse: *f.4.* crann-laoch duine, caol, árd, lom, rábaire, cadhain shráide, barránach "maith". Ná fág aon rud fén scaoinse sin, nó beidh sé gan déanamh: duine neamh-chríochnamhail, faillightheach. De cheal íle tá na hiascairidhe ina scaoinsidhibh cois falla is ná féadfaidís dul ag iasc: ina bhfearaibh fuara díomhaoine is a ndrom lé falla aca. Ní fhéadfá troigh den mbaile mór do shiubhal anois ach mar casfaí scaoinsidhe sráide leat ag tnúth: bruachairidhe: fuairthéithe a chaitheas a saoghal ag brath ar an nduine thall is ar an nduine abhfus. "Ag díol ná ag reic mo shláinte/ ná ar mhargadh na saoire im luighe cois bhalla/ im scaoinse ar leath-taoibh sráide": duine a mheileas a shaoghal go fuar díomhaoin. Gread as mo radharc, a scaoinse neamh-maithigh: rud neamhthairbheach, leisceamhail. Fág amach an baile seo, déin rud éigin fén dtuaith is ná bí id scaoinse annso: id scraiste díomhaoin ag brath cá bhfaghfá greim ná bolgam. Is iomdha buachaill maith go néann cómhluadar cathrach scaoinse de: duine gan aidhm sa tsaoghal ach a dhrom lé fallaidhibh is ag brath ar chách chun a ghreama. Is mithid di é, bheith 'na scaoinse mná anois, tá sé san aois aice: fainge mná. Na scaoinsidhe bróg atá orm leathfaidís na cait: leaghaicididhe aindeise.

scaoth: *b.2.* saithe, scata, ál, scuaine, grathain, ealta; mór-chuid. Gluais scaoth eiteallán os chionn na cathrach, fuarmáil dhiamhair ge n-a n-inneallaibh, pléascarnach is fothrom dhá bhaint aca: scata nó mol mór díobh. "Ná bodhair me lé clainn, buidheach 'o Dhia", ars an bhean bhocht "tá scaoth aca agam": cuid mhór chlainne. Cuirim mo scaoth beannacht chughat leis an leitir seo: mór-chuid. Oiread is aon choileach amháin ní raibh ar an scaoth sicínidhe: ál. Dá luighead é an dreóilín bíonn scaoth gearrcach aige: sluagh. Ins an Rúis agus air sin de, i ngach loc eile cogaidh tá na scaothanna fear láimh ar láimh: sluaighte troma.

scaothaire: *f.4.* bladhgaire; maoidhteóir, scáileathannaidhe. Ar a bhéal atá a bhfuil d'fhearaidheacht ann, níl ann ach scaothaire ná déanfadh dada dá gcuirtí chuige é: duine a dhéanfadh so súd ar a bhéal. Dubhairt an scaothaire go raibh gach aon rud a háirigheadh aige féin sa bhaile is ná raibh easbhaidh ar bith air, is gurb amhlaidh do bhí ná raibh faic aige: duine a bhíos ghá mhóradh féin nó a chuid nó a ghníomhartha go háidhbhéiseach. A scaothaire diabhail, éist nó cuirfead mo dhorn múchta síos id scórnaigh: duine gan chuimse lé maoidheamh as a bheartaibh. Dubhairt an scaothaire ná fágfadh sé oiread is bád cleite leis an namhaid ar uachtar mara ó réagúnaibh na leac oighreach go líne na gréine ach táid ann fós: fear gaoithe móire: bladhmaire: duine ná cuireann srian leis féin. Ní mór ar fad an géilleadh budh cheart do thabhairt do, an-scaothaire seadh é .i. cuireann a chóiriughadh féin ar gach aon nidh. Scaothaire a déarfadh é .i. an rud atá ráidhte ní mór go ndéarfaí lé fuaimeant é, mar is léir ná fuil sé indéanta. Ní haon scaothaire me ach bhíos tamall dem shaoghal is dá mbeadh ciall agam budh mhaith an phinginn dob fhiú indiu me: ní fear maoidhteach me: ní háidhbhéisidhe me.

scaothaireacht: *b.3.* maoidheamh uallach, móradh gan bun leis, áidhbhéis gan chuimse, an t-aimeón cainnte. An scaothaireacht atá ar lé fada go mbeadh fearas aige a chlaoidhfeadh an namhaid, is ná feictear a ghníomh in aon áit: an chainnt ghá shuidheamh ná raibh aon teóra leis an ngléas a bhíodar i ndán do dhéanamh. Leig do is dá scaothaireacht: maoidheamh as féin. Bíodh braon caithte aige is annsan seadh chloisfir an scaothaireacht, an bladhmann cainnte: an fhearaidheacht thar barr: an moladh as féin ar a dhéanfadh is ná déanfadh sé. "Scuabfam de dhruim na mara iad", ar seisean, "ní fhágfam long ná bád ag trácht na farraige", sin í an scaothaireacht agat: an chainnt láidir gan bun gan barr, gan fuaimeant ná cur léi. Labhair leat, ní dhéanfaidh ádhbhairín scaothaireachta aon díoghbháil dúinn: áidhbhéis: maoidheamh as a fheabhas: callán an domhain ag éileamh suimighthe ó n-a lucht éisteachta. "Ní raibh aon fhear i gCúige Mumhan go dtabharfainn mo dhrom do, ar mh'anam" – "scaothaireacht ó thóin ceann": gaoth mhór. "Ó, sin é, é" mar déarfá is rud, "bím-se ag obair is tusa ag scaothaireacht": mise fé shaothar is tusa ag geócaireacht chainnte. Cuir uait do chuid scaothaireachta agus innis dúinn cad dhein an chuid eile, táimíd bodhar ag an éacht a dheinis féin: an áidhbhéis mholta: an mhóirbhéalaidheacht: stocaireacht.

scar: *f.1.* roinnt, deighilt, cuid, cion, scoilt, méiscre, gearradh, fairsinge, leathantas. Is mó go mór an scar talmhan atá anois aige, cion deich mba i gcoinnibh cion sé mba a bhí cheana aige: leathantas. Scar trí mhíle ó chaladh go caladh as an míntír go hoileán: faid. Sé mian an Riaghaltais go gcuirfeadh gach feirmeóir scar scamhárdach fé chruithneacht in aghaidh gannchúise nó b'fhéidir ganntaine féin: achar: fairsinge thalmhan. Is beag duine go bhfuil scar móna anois ar Shliabh an Fhiolair aige, tá na portaithe caithte: leathantas nó ádhbhar fé mhóin. Bíodh a fhios agat go bhfuil scar maith lé siubhal as so go Daingean agat: aistear. Thochais sé a phlaosc agus mhachtnuigh sé má mhachtnuigh daonaidhe riamh connus chuirfeadh sé an scar idir an dá charraig de, gan bád gan snámh: an t-achar, an bealach. Ní bád atá fáiscighthe go maith í, is iomdha scar idir a hadhmadaidhibh: oscailt. Teasbáintí a scar féin gach maidean do gach buanaidhe: ucht lé baint nó lé spealadh. Sin a ndéanfad-sa, tá mo scar curtha isteach agam: mo chion (cuid) críochnuighthe agam. Cad n-a thaobh an ball scair seo? cad fáth nár scríobais air ar nós na coda eile den leathanach: áit gan breacadh air. Ghaibh mórán éisc trís na béalaibh scair: an eaga oscailt idir gach dá chuibhreach ar líontaibh dá chéile. Cumhanguigh do bhéalta scair .i. ná fág slighe chómh mór idir gach aon dá chuibhreach. Tá scar maith ag an mbád so ar a béal: ó ghunail go gunail tá slighe fhada. Tá an choinneal ag spriúchadh, tá mórchuid scar sa bhfalla in aice léi: scoilteacha beaga go bhfuil siolla ag teacht tríotha atá ag cur an bhladhma ar fuaidreadh. T'r'om scar den iasc san: scor: gearradh: cannta. Go n-éirighidh bhur bpósadh libh, is nár leigidh Dia aon scar eadraibh: deighilt: cúis achrainn is easaontais. "Is breágh an lá é, a Shéamais" - "ná fuil do scar agat de, a Thomáis" (le searbhas) .i. dar ndóigh níl neach ag baint a aoibhneasa díot-sa. I rith mo scair ar an saoghal níor casadh orm aon dream budh chlampraighe 'ná iad, bhídís i gcochall a chéile moch déidheannach: an feadh atá caithte agam.

scaradh: *f.* (*-rtha*) leathanughadh, scagadh, searadh, deighilt, druideam ó chéile; leathadh. Ag scaradh na coda mine ón gcuid ghairbh: ag cur ar leath-taoibh. Ag scaradh na ngabhar ós na caoiribh: ghá ndeighilt. Na truslóga móra fada atá aige ní mór an nath

aige bóthar do chur de, cad dhéanfadh an scaradh mór gabháil sin aige: searadh: an chéim fhada. Ar scaradh dhúinn gheallamair dá chéile go mbuailfimís lé chéile airís: ag fágaint. Ní chuirfead-sa chun iad do scaradh b'fhéidir gur me do bhualadh dhéanfaidís, nár chualaís ná deaghaidh fear na teasardhan riamh as: iad do réidhteach ó bhruighin. Téighir scaradh gabhail ar an gcapall ní har do chúlóig: cos ar sileadh ar gach taobh. Budh scaradh anama leis an capall maith do leigeant uaidh: budh gheall báis leis é. Sid é an scaradh dubhach againn, ní fheicfeam a chéile choidhche airís: an t-imtheacht ó chéile. Baineadh scaradh súl asam nuair chonnac mo dhuine do shaoileas a bhí na céadta mílte as an áit: leathadh súl: cuireadh iongadh orm. Táim chómh tuirseach san go dtuigtear dom go bhfuil mo chnámha ag scaradh ó chéile: tuirse throm, mharbhthach. Níl aon scaradh fós ar ár líon tighe, táid go léir i bhfochair a chéile sa bhaile: aon leaghadh. Sa scaradh a deineadh ina cheann raghadh t'órdóg isteach ann: deighilt ó chéile. Budh thruagh leat iad ag scaradh a ngéag chun Dé le hanamhóin: ghá leathadh amach ag síoradh cabhrach. Táimíd ar tí scartha: ar imtheacht ó chéile: scaoileadh beatha. An charraig chruaidh, ghlas ag scaradh fé theas na teineadh: ag briseadh ó chéile. Scaradh gan dlúthughadh ortha: iad do dheighilt ó chéile is gan teacht i bhfochair a chéile airís. Ní scaradh go deighilt phósta .i. níl aon dealughadh is measa 'ná é. Tá scaradh cos air fé mhéid an ualaigh: iad ag lúbadh fé. Ní bhíonn iasc beirbhthe bruithte ina cheart go mbíonn ag scaradh ón gcnamh: ag cailleamhaint a ghreama air. Ná bí ag scaradh léd chuid airgid chómh boigéiseach san, budh dhóigh lé duine gur banncaer thu an tslighe atáir ag caitheamh: ghá leigeant uait léd thoil go réiceamhail. Ní maith liom scaradh leis an dtigh, táim an-cheanamhail air: seilbh ann do thabhairt suas nó do thréigean: imtheacht. Bíodh scaradh muinnteardhais eadrainn: an cómhgas atá eadrainn do bhriseadh agus gan bheith feargach lé chéile. An scaradh béil a bhíonn air nuair bhíonn sé ag itheadh: leathadh fairsing. Táid ag seasamh an bhaill go cródha, gan aon scaradh dhá chur ortha: deighilt: dealughadh: briseadh. Is mór an scaradh é, anois ag cainnt ar Mhearaice, ó chiainibh ag cainnt ar Éirinn: an luaith-intinneacht. Pé scaradh a raghaidh orainn, beidh me dílis duit, a Mháirín: pé faid ó chéile a seólfar sinn.

scaradh-bogadh: *f.* (*-gtha*) druideam ó chéile, dá chéile. Níor mhór scaradh-bogadh do dhéanamh ar an bhféar san, tá sé an-thais, tá tagtha fé: é do thógaint dá chéile chun gaoithe is gréine do thabhairt do. Budh cheart an trucaill sin d'fháscadh, tá scaradh-bogadh uirthi ges na hualaighibh troma cloch a bhí ghá tharrac aice: a maislidhe suaidhte, neamh-dhaingean.

scaradh-chosach: *a.* na cosa bheith druidte ó chéile. Bhuail sé aníos an bóthar scaradh-chosach ar a shean-asal: a chosa sínte uaidh amach. Ní fheaca riamh peictiúir de Neapóilean ina sheasamh ná go mbeadh sé scaradh-chosach: ina sheasamh go talmhaidhe, a chosa i bhfad ó chéile. Má bhír scaradh-chosach ar an dteine mar sin ní bhfaghaidh éinne eile slighe chúiche ach thu: do ghabhal leathta agat uirthi.

scaraidheacht: *b.3.* scaranna do dhéanamh de, codanna, etc. Stad! fág fé dhuine éigin eile an roinnt, ní thaithnigheann do scaraidheacht linn: an chuma atáir ag déanamh codanna. Níor réidhtigh na treóntaidhthe lé chéile, shaoil cuid aca ná raibh an scaraidheacht cheart dhá dhéanamh ar an dtalamh: roinnt.

scaraim: *b.a.* deighilim, cuirim ó chéile, leathaim, scaoilim, roinnim, dealuighim, gearraim, éaluighim, imthighim ó; brisim cómhgas, fágaim, tréigim. Scar leis an gcapall san a luaithe is fhéadair é, ní maith iad na taomacha san a thagas air: cuir a chúram díot. Níor scar an ceisneamh riamh leó, Éire ní shásóchadh iad: níor imthigh uatha. Nára scaraidh an doicheall leat! .i. go gceangluighidh díot dochma do bheith ort éinne do bheith id chuibhreann. Go raghaidh sé síos 'on úir ní scarfaidh an droichmhianach leis: beidh an droich-mhian ag leanamhaint. Dá scarainn as a chéile lé strus ní bheadh truagh ag neach dom: dá n-éirigheadh mo bhall beatha dá chéile. Scar na fir sin mo bruigheanfaid: cuir ó chéile iad. Á, ná scar sinn .i. fág i bhfochair a chéile sinn. Scartar amach an féar faid bheidh an tiormach ann: leathtar amach é. "Ná scar do ghéaga orm", ar sise: ná barróg me. Ní scarfad mo ghéaga de go mbeadh lánshásta: ní scaoilfead uaim é. Ar chumha nó ar chleas ní scarfadh sé leis an madra san, tá cion chómh mór san aige air: ní scaoilfeadh uaidh, é do dhíol, do mhalartughadh, do bhronnadh ná eile. Fuacht beag do fuair sé ar dtúis, níor tugadh aon aire dho is scar sé fé n-a chorp ar fad: leathanuigh: d'imthigh ó bhall ball. Ní scarfadh a dtáinig riamh an amhailt as na líontaibh: ní réidhteóchadh agus bhainfeadh. Scar sé asta nuair connacthas do ná féadfaidís féin ná iad féin claoidhe lé chéile ná réidhteach: d'éirigh as an gcómhgas nó ceangal a bhí aige leó. Scar as an argóint seo, sin í mo chómhairle dhuit: éirighe aiste: ná bíodh a thuilleadh bainte agat léi. Scarfainn lém anam ar dtúis .i. sara dtoilfinn lé pé rud a bhíos i dtreis. Má scarann an scéal gránda so fén ndúthaigh bead im raic: leathann: scaipeann. Scar sé linn am éigin den oidhche: d'fhág sinn. Cé scarfadh lé n-a thír gan brón do bheith air: a imtheóchadh aiste nó a leigfeadh uaidh í. Ná scar leis an mbeagán céille atá agat: ná scaoil uait í: ná himthigh as do mheabhair. Buaileadh a bhéal fén mbád is an fhoireann istigh fúithi, scaradar go maith leis: budh cheart dóibh bheith buidheach is teacht saor: ní raibh ach a rádh go dtugadar na cosa leo: d'fhóbair dóibh. Ná scar do chosa ar an gclaidhe: cos ar gach taobh. "Scar sí a cosa ró-mhór", deirtear (ós íseal) lé mnaoi go mbíonn leanbh toghartha aice. Máighistir gan chiall a scarfadh lé buachaill chómh maith leis: a leigfeadh nó a chuirfeadh uaidh é. Níor scar an tart riamh lé muinntir an bhaile chéadna .i. bíonn ortha do shíor. Scar amach an bhairlín fé: leathanuigh í. Chómh luath is bhuail sí ar an gcarraig scar sí: thuit sí as a chéile. Scarfadh leis an áit ar chéad púnt: díolfadh ar an suim sin é. Ní scarfadh a shúile liom dá mbeinn ann ó shoin: bheadh sé ag stealla-fhéachaint orm. Beir go maith fós, scarfaidh a chuimhne seo uait: imtheóchaidh díreach is mar bheadh ná raibh riamh ann. Scarann an bás gach aonnidh: cuireann deireadh leó.

scaramhail: *a.* ionscartha, bogthach, gluaisteach. Tá pósadh i bhfad níos do-scaramhla 'ná mar is dóigh leo: níos deacra do chur ar neamh-nidh. Is mó an siubhal atá aige mar is scaramhla a chosa: is sia na céimeanna a thugann toisc a bhfaid. Is scaramhla ó n-a chéile bhíodar i dtúis an chatha 'ná ina dheireadh: is sia. Tá an charraig sin chómh ceangailte sin sa talamh ná fuil sé aon phioc scaramhail: so-bhogtha. Níl croiceann na heascún ró-scaramhail ar fad: ionbhainte den gcorp. Ó, tá sé de theist ort bheith scaramhail féd láimh bhuail bas ar do chroidhe is tabhair leath-chéad púnt ar iasacht dom: laimhthighiseach: bog.

scaramhain(t): *b.3.* d'imtheacht, do dhealughadh, do scaoileadh, chur ó chéile, ar leithrigh, etc. Ó n-a mháthair do fuair sé an t-uaireadóir sin, níor mhaith leis

scaramhain(t) léi: a díol, a bronnadh, a malartughadh, do scaoileadh (leigeant) uaidh. Díreach nuair shroicheas an stad do bhí an traen ag scaramhain(t): ag gluaiseacht ar a triall. Is é an náire dhóibh bheith ag scaramhain(t) ó chéile is a fhaid atáid pósta: ag fágaint a chéile. Tá ag scaramhain(t) leat go maith go dtí so, seachain tu féin, ní bhíonn ar gach aon nidh ach tamall: ag rith leat: ag tabhairt na gcos ó chonntabhairt. Níl an méid sin féin ag scaramhain(t) leis go leigfeadh sé don té a leigfeadh do: ag dul uaidh: tá san i dteannta na coda eile de mhí-bhéas air. Druid siar ó scéimh na faille, tá sí ag scaramhain(t): méiscridhe ag teacht innte: ag cnagadh ó chéile: scoilteacha innte is í ar tí tuitim. Budh réidhtighe go mór an cúrsa eadrainn araon daoine eile do scaramhain(t) a lámh asainn: éirghe as aon bhaint do bheith aca lé n-ár gcúram. Bhuail an deóraidhe chugham isteach ar scaramhain(t) lae is oidhche: leis an gcróntráth. Seachain, tá an t-ualach ag scaramhain(t) ina lár: scoilt ag teacht ann is é ag imtheacht as a chéile. Is oth liom gur chaitheas scaramhain(t) leis an mbuachaill maith sin: é do scaoileadh uaim i gcoinnibh mo thola. Is dona an rud d'éinne scaramhain(t) radhairc: daille do theacht. Táim ag scaramhain(t) leis in aisce: ghá scaoileadh uaim gan cúiteamh ina choinnibh. Scaramhain(t) phósta: scur.

scarbhach: *a.* garbh, aimhréidh, borb, cruaidh, stuacach. Lá scarbhach ón bhfarraige: cruaidh, cuibheasach fiadhain, fo-cheathach, b'fhéidir. Talamh scarbhach nách furaiste a threabhadh do cheannuigheas: garbh, aimhréidh mar bheadh clocha, aiteann gallda etc., ann. Sin farraige ró-scarbhach lé dul uirthi: garbh, fiadhain.

scarbhach: *f.1.* áit gharbh, aimhréidh, achrannach, mhéiscreach. Scarbhach ar fad seadh tóin puill ann, dá gcuirteá spiléar ann raghadh i ngreim is chaillfeá é: méiscreach, carraigeach. Scarbhach gach aon phioc de Cheann Sraithe, níl aon phioc de réidh, ach carraigeacha is caibhte: ball achrannach. Scarbhach i mbun cnuic atá aige: talmhan garbh.

scarbháil: *b.2.* scartadh (aimsir), éadtromughadh (báisteach), triomughadh (móin, éadach, féar, etc.); screamh ag teacht ar chíste, etc. Má théigheann scarbháil ar an aimsir cromfam ar threabhadh, tá an talamh anfhliuch mar tá: árdughadh is triomughadh. Féach amach an bhfuil aon scarbháil ar an lá, an dóigh leat go ruibfinn 'on bhaile mhór é idir dhá linn?: árdughadh, cruadhadh is triomughadh. Má tá an scarbháil ar an éadach beir isteach ón dtor é .i. éadach fliuch, is má tá aon triomughadh dulta air. Tá scarbháil ar an móin, ach má tá ní dhéanfadh sí aon teine fós: cruadhadh is screamh. Is fada ó bheith bácálta an císte seo, níl ach scarbháil bheag air: screamh tosnuighthe ar an dtaos: é ag cruadhadh. Dá mbeadh a bheag nó a mhór de scarbháil ar an móin do dhéanfadh sí cabhair lé gual: aon tsaghas cruaidhte. Lá maith scarbhála é an té go mbeadh coirce ar sraith aige: lá garbh go mbíonn triomughadh ann.

scarbhálta: *a.r.* breac-thriomthuighthe, árduighthe, scartuighthe (aimsir), sceó ar thaos, etc. Aimsir scarbhálta seadh í: garbh, tirim, fo-cheathach b'fhéidir. Um thráthnóna bhí sé scarbhálta: árduighthe: gaoth is triomach tagaithe. Tá an mhóin scarbhálta a dóthain chun teine: triomuighthe: an taisireacht fúscuighthe aiste. Níl an císte scarbhálta gan bac lé n-a bheith bácálta: screamh tagtha air. Tá an sean-phaca scarbhálta tirim a dhóthain chun suidhte air: cruaidh gan taisreacht.

scarbháltacht: *b.3.* breac-thriomuightheacht, tromuightheacht, árduightheacht, scartuightheacht, sceó ar thaos; screamh. Má gheibheann aon scarbháltacht ar an aimsir treabhfad an gort: triomacht is fáscadh. Ní fada bheidh an císte anois, tá scarbháltacht cheana féin air is teine mhaith fé: é agus an taos ag cruadhadh: screamh ag teacht air, is an taisireacht ag imtheacht. Bhís an-fhliuch, tá scarbháltacht tagtha ort ó sheasuighis cois na teine: triomach ar do chuid éadaigh: an gal imthighthe as. Ní lé n-a scarbháltacht a ghoid sé an mhóin ach lé dúil sa ghadaidheacht: a fáscadh: an taisireacht bheith imthighthe aiste.

scárdadh: *f.* (*-dta*) d'fháscadh amach lé fuinneamh mar leann dubh as shoitheach lán, dortadh, scaoileadh, séideadh lachta. Bhí an áit in ar sáthadh me ag scárdadh fola nár bh'fhéidir do chosc, mar bhí féith gearrtha, scartha: ag tabhairt ina sconna. Leis an ndúil atá aige innte bheadh sé ag scárdadh té chuige féin faid is leigfí dho: ag scaoileadh amach. Fuaireadar seódh an domhain as bheith ag scárdadh uisce ar a chéile as ghunnaidhibh pléascán: ghá scaoileadh ina sconna lé teannadh.

scárdaire: *f.4.* feadán, séidteán, steallaire, béal-scaoiltidhe. Aon nidh a bhíonn ina bholg scaoileann an scárdaire sin uaidh é, chrochfadh sé thu: glafaire gan fothain. Bíonn scárdaire ag dochtúir chun stuife do stealladh isteach i gcorp dhuine: do shéideadh. Líonadh an garsún séidteán robar d'uisce is dheineadh scárdaire dhe ag fliuchadh na ndaoine: steallaire.

scárdaireacht: *b.3.* séideadh, stealladh. Chaith lucht na teine seal ag scárdaireacht uisce ar na fuinneógaibh sar ar mhúchadar an toiteán: ghá stealladh as phíopaidhibh. Ag scárdaireacht uisce ar na bláthannaibh le tór craoibhe: ghá chrothadh go trom ortha.

scarlóid: (**scárlóid**) *a.* croidhearg, corcar, éadach luachmhar croidhearg mar bhíonn ar chléir is bhreitheamhain. Luisnigh sé chómh dearg le scarlóid nuair cuireadh an t-éitheach in iúil air: d'éirigh a chuid fola go haibidh ina cheannaghthaibh. "Tigidh anois agus aighneasam ré chéile; adeir an Tighearna; má tá go bhfuilid bhur bpeacaidhe amhail scarlóid beidh siad chómh geal lé sneachtaidh, má tá go bhfuilid dearg mar crimson beidh siad amhail olann" (Isaiah I. 18): geal dearg is néall bheag chrón ann. "Agus rug sé ris me fán bhfásach tré an spioraid agus do chonnairc me bean ina suidhe ar ainmhidhe ar dhath na sgárlóide, lán d'anmanaibh blaisphéinighe ar a rabhadar seacht gcinn agus deich n-adharca" (Tais. XVII. 3): geal-chroidhearg: corcar. "Agus gorm, agus porpur, agus scarlóid agus línéad fineálta agus fionnadh ghabhair" (Eacs. XXV. 4).

scarlóideach: (**scárlóideach**) *a.* Nuair rugadh san bhfoghail air tháinig dath scárlóideach ar a ghruadh: bhí sé mar caithfí pota fola air.

scaróid: *b.2.* bairlín, éadach. Scaróid búird: éadach cláir (búird).

scartha: *a.r.* deighilte, leathta ó chéile, scaoilte, scáinte; leathnuighthe amach, réidh (críochnuighthe) lé; de cheal etc. Buidheach 'o Dhia me do bheith scartha leis an dtinneas damanta a bhí orm: é do bheith curtha dhíom agam. Is fada scartha leis an gceanntar é, ní bheadh aithne ar éinne ann anois aige: imthighthe as: gan coidreamh aige leis. An bhfuil

an fear úd scartha lé cois leis? sé fáth dhom a fhiafruighe gur airigheas gur éirigh rud éigin do: í bheith bainte dhe. Ná tógadh éinne aon cheann den bhfear san, mar is fada scartha lé Dia is lé daoinibh é: droich-bheatha dhá chaitheamh aige. Nuair raghadh sé id chuideachtain tá sé do-scartha go maith, bheadh leath-scéal éigin aige claoidhe leat: deacair do chur amach as do chroiceann. Tairnge doimhin, meirgeach é sin, ann leis na ciantaibh is níl chómh so-scartha is budh dhóigh leat, faigh teannachair chuige: chómh furaiste do tharrac. Go mbeiridh sé beó orm bheith scartha leat pé mío-ádh do sheól chugham thu .i. is ró-fhada liom bheith ag bruic leat: go mbeir mar bhuaidhreamh dom. Is mór mar thuit sé chun feóla, tá sé scartha anuas ar an dtalamh: leathnuighthe amach: leithead mór tagtha ann. Mholfainn duit gan bheith scartha leis mar gheall ar bheagán .i. gan bheith neamh-mhuinnteardha, neamh-choidreamhach. Ní cheadóchainn ar chuid mhaith bheith scartha leis, bhíos an-cheanamhail air; brathaim uaim é: deighilte uaidh: sinn do bheith ó chéile. “An ndíolfair an áit liom ar dhá chéad (púnt)?” – “d’fhonn gan bheith scartha leat, déanfad”: gan sinn d’imtheacht ó chéile: gan aon rud do teacht eadrainn. Is breágh lá dho féin agus don ndream a bhí ag bruic leis, é do bheith scartha leis an saoghal so ar an dtinneas is an iomard a bhí air: imthighthe (dulta) as. Ar a bhfuil fachta aige uatha mo thuairm láidir go bhfuil sé scartha lé mnáibh an tsaoghail: ná beidh a thuilleadh baint ná coidrimh aige leo. Tá sí scartha anuas ar a leanbhaidhibh: an-cheanamhail, an-ghrádhmhar: leathta ortha. Cromtha, scartha dho ar an saoghal anois, na bliadhanta is an anacair go léir: é beartha dian air ina bheatha. Cé gheóbhadh leis, é féin ’sa chír (fhiacal) scartha: eaga eatartha. Sin é é, is a ghabhal scartha ar an dteine aige: leathta: cos ar gach taobh di. Dá mbeadh an t-arm gan bheith scartha chómh mór, cuid aca sa domhan thoir, in iarthar an domhain thoir agus sa bhaile aice: deighilte: ionaduighthe i logaibh chómh fada ó chéile. Tar éis callóide is anróidh na hoidhche airéir tá na súile scartha go maith aige: leathadh bainte asta lé scannradh. Ní fheaca súile scartha chómh mór ag éinne riamh is mar tá aige: tamall maith ó chéile. Teine ró-scartha í, ní dhéanfaidh sí go maith: scaipighthe. Sean-thrucail scartha ná hiomcharóchadh ualaighe troma: bogtha ina maislidhibh: an daingniughadh ag cailleamhaint innte. Dá mhéid meas agat ort féin, agus má tá buaidhte an turus so féinidh agat, beir leat ná fuilim-se scartha leat fós: réidh: cúiteóchair fós liom gníomhartha éigin: tá cnámh lé priocadh agam leat. Brisfidh an t-ualach cnámh do dhroma, tá do chosa scartha fút aige: lúbtha. Bhíodar ar tí scartha, an lánamha san, ach rinne an chúirt síothcháin eatartha: dealughadh ó chéile. Sara raibh an madra gorm scartha ar na líontaibh bhí dhá uair an chluig caithte againn leis: réidhtighthe. Táim scartha ar an mbád: mo bhuannacht uirthi tréigthe agam. Ní túisce mo lámha scartha as rud ná go mbíonn cúram nuadh ag rith orm: me réidh leis. Tá an sioc so scartha tharainn soir fén ndúthaigh: scaipighthe, leathta. Sin é bhur gcuid scartha annsan rómhaibh: leathta amach: curtha, réidh lé n-a itheadh agaibh. An bhfuil a chlann scartha uaidh? mar chuala gur cuireadh cuid aca i ndúnbhaile éigin: tógtha uaidh. Ná tógtar aon aiteas air, tá a chiall scartha uaidh .i. níl aon leigheas aige air, tá an inchinn corruighthe ann. Cá bhfuil do chúis gearáin-se, níl scartha lé n-a lán alluis agat?: puinn alluis curtha dhíot agat. An mbrathair aon fhonn scartha air? .i. an rud atá i gceist do thabhairt uaidh. A amharc ní bhfaghair go bráth airís, is oth liom, táir chómh scartha leis is tá an adharc leis an muic: aon dul air. Nuair d’fhóbair dom sciain dul isteach trí chroidhe mo dheárnán, sé adubharthas liom, tá scartha go maith agat leis: d’éirigh leat go caol gan cinneamhaint throm do thárlachtaint duit. Tar éis na hoidhche diamhaire do bhí an bhinn scartha ó n-a brollach go dtín fotha: an tsaoirseacht dealuighthe: scoiltighthe. An

chainnt a bheith scartha air cómhartha seadh é go bhfuil sé ag dul chun deiridh .i. rádhmhaill do bheith air: é bheith ag cainnt gan fuaimeant. Leis an bhfuacht a bhí ann bhí mo ghéaga scartha orm: ní raibh cumas agam ar fheidhm do bhaint asta. Scartha ag an mbás go rabhaid: go n-árduighidh an bás leis iad nó cuid aca.

scartach: *f.1.* muine, dlúimh thor; ionathar; crathacha, scamhóga ainmhidhe, dríodar bunaigh. Scartach an Ghlaine: áit idir Thráighlí agus Chill Áirne. Talamh deacair do bhriseadh seadh é, scartacha seadh a fhurmhór: tuir sceach, aitinn, mothar beag crann etc. Tá mo scartach tinn ó bheith ag gáiridhe fútha, is mór an dream grinn is suilt do dhéanamh iad: brathaim fém chliabh é. Scartach diabhail éigin sa tocht so ní chodlóchadh neach air: fuighleach cruaidh bunaigh.

scarthach: *a.* leathta nó claon lé deighilt, neamh-choidreamhail. Is ró-bhaoghalach go bhfuil cainnt scarthach ráidhte agat idir an mbeirt sin: cainnt a chuirfeadh amuigh lé n-a chéile iad. Níl do thuagh ró-scarthach chun adhmaid: bheith ábalta ar é do bhriseadh ó chéile. Focal den gcainnt ní bhfaghfá uaidh ar feadh an lae, duine scarthach seadh é: ná fuil leagtha lé mórán coidrimh do dhéanamh. Tá eagla orm gur fuagháil scarthach atá déanta ar an éadach so: so-scaoilte: claon lé n-a ghreamanna do chailleamhaint. Saoirseacht scarthach atá ar an dtigh sin, cheana féin tugaim fé ndeara cnagacha ann .i. atá claon lé scoltadh nó a greim ar a chéile do chailleamhaint. Siad an dís neamh-scarthach iad, i dteannta a chéile do shíor: dís deacair do chur ó chéile nó gan a fhonn do bheith ortha. Carraig do-scarthach ná bainfí béic aiste is an saoghal mór do bheith ag gabháil uirthi .i. nách féidir scoilt ná cnag do chur innti.

scarthacht: *b.3.* so-dhealuightheacht, so-scaoilteacht, scaipightheacht, fánaidheacht. Cuireann a neamh-scarthacht iongadh mór ar dhaoinibh, bíd i gcoidreamh a chéile do shíor: deacracht a chur amuigh lé chéile: a bheith dealuighthe ó chéile. Ní raibh a scarthacht cos ag éinne riamh ach ag droch-choisidhe: fairsinge ionta ag gluaiseacht. Budh dheacair dúinn aon imirt mhaith do thabhairt uainn is a scarthacht do bhíomair ar an bpáirc: a fhaid ó chéile: scaipightheacht. Budh dhóigh leat go ngeóbhadh cairt is capall idir a dhá chois lé n-a scarthacht: a fhairsinge ó chéile is atáid. Nuair bhíonn sé in am dulta abhaile ná bíodh aon scarthacht oraibh, bídh go léir in aon ionad: scaipightheacht: bheith ar iarraidh. Ní deacair cur chúcha is a sho-scarthacht atáid: a fhusacht do dheighilt ó chéile. Do-scarthacht na bhfiacal as a ndranndal, féach féin folláin iomlán i ndranndal na marbh atá adhlacuighthe leis na fichidhidhibh (bliadhan) iad: a dheacracht leó tuiteam nó a mbaint. Dá mbeireadh portán greim i gcrúib ort budh dheacair é do bhogadh lé n-a dho-scarthacht: neamh-fhusacht scaoilte.

scartachán: *f.1.* glanadh, deighilt, aistriughadh. Caithfear mórán scartacháin do dhéanamh ar an láthair sara gcuirtear an fotha: an trufais atá ann d'aistriughadh, do chartadh as an slighe. Ag déanamh scartacháin tímcheall bhéal na beárnan: ag aistriughadh cré, cloch, trufaise, etc. Áit achrannach ann agus deineadh scartachán chun botháin do dhéanamh: cartadh.

scartadh: *f.* (*-ttha*) béiceach, callán, liugh, screadadh. Gach aon scartadh ges gach éinne fén amadán bocht ar a scaipightheacht fé n-a chuid airgid: béic gáiridhe. Leig sé scartadh

(gáire) agus d'aithneófá air gur cuireadh áthas air: glór (glórtha) árd gotha a chuireas sult is áthas in iúil. Leigeas scartadh air teicheadh: béic mór in árd mo chinn is mo ghotha. Is ar a scamhógaibh seo ná fuil an lucht ar an scartadh atá aige: uchtach láidir chun cainnte do chur de. B'aoibhinn liom mo chluas do chlaonadh maidean shamhraidh lé scartadh éan sa ghaorthaidh: ceileabhar áluinn. Cuireann scartadh na mara diamhaireachta croidhe orm lé linn stoirmeach: béiceach: búirt. Scartadh na cuaiche is geallaim duit nách mór é: a glaodhach. Tosnuigh, tá sé in am agat bheith ag scartadh: ag cur asat: ag cainnt: do chur ruda éigin in iúil. Is maith láidir an t-uchtach atá aige sin, is glan, fuinneamhail é a scartadh ar an gcraolachán: a ghuth is a shlighe chun é féin do chur in iúil go soiléir, glé. Téighimís síos ina measc tá scartadh ar bun eatartha: callán: clampar. Nách breágh í an ghrian ag scartadh tar éis na doininne: taithneamh.

scartadh: *f.* (*-ttha*) glanadh, árdughadh aimsire, cruadhadh; fáscadh. Bíodh foidhne againn, b'fhéidir go raghadh scartadh ar an gceódh is go ndeánfaimís eólas treasna na gcnoc: scaipeadh. Seadh, tá scartadh sa deireadh air: fáscadh: triomughadh, árdughadh is glanadh. Tháinig scartadh beag sa spéir thiar go bhfeicfeá barra an oileáin: leaghadh ceóidh, etc., etc.

scartáil: *b.3.* glanadh trufaise, leagadh fallaidhe conntabharthacha, oscail ar chruaich, etc. An áit in ar thuit an pléascán is in a ndeárna sé an oiread screasa, tá sé chómh glan léd bhais anois tar éis na scartála atá déanta air: an trufais d'árdughadh chun siubhal: d'aistriughadh as. Is mór an scartáil atá déanta ar an bportach lém chuimhne-se féin: baint is glanadh. Baineann sé lucht (díorma) scartála i gcathair éigin thall: dream a bhíos ag leagadh tighthe is fóirgnithe ná fuil stóinsithe dréir iondúra. Déin scartáil i gceann na fothana den gcruaich thornapaidhe: oscailt.

scartaim: *b.a. 7 n-a.* béicim, liúghaim, screadaim, scréachaim ós ard. Scairt air filleadh: glaodhaidh air. Bíonn sé ina shuidhe sara scartann an fhuiseóg: sara gcromann ar cheileabhradh. Scartas is scartas air ach níor chualaidh sé me ach an oiread lé cloich: léigeas béic is béic air chun a chur in iúil do gur theastuigh uaim fógairt air.

scartaim: *b.a. 7 n-a.* glanaim, réidhtighim, gealaim. Scartfar an áit seo sarar féidir an chloch bhuinn do chur lé piocóididhibh is sluaistíbh: réidhteófar is glanfar. Scartfaidh an saoghal fós orainn lé cóngamh Dé ní bheidh sé chómh dochraideach is tá: gealfaidh: raghaidh i bhfeabhas. Scairt (scartuigh) an ghainimh in ionannas ar an dtalamh: leath í. Scartfaidh an tarbh an claidhe lé n-a adharcaibh mara ruaigtear é: cuirfidh sé soir siar idir chloch is chré é. Aon fhonn níl air go scartfaidh sé indiu ar a dhoircheacht atá an bhrúin mhór uisce sin laistiar: go ngealfaidh.

scartaire: *f.4.* árus (adhmad) cruinn, dhó nó trí throighthibh ar aoirde. Chonnac an bhean cos-nochtuighe ag pasáil éadaighe chun a nighte i scartaire: dromhlach íseal. Scaoil amach an leann dubh i scartaire. Dá mbeadh scartaire agat chun na biordóige do chur air shilfeadh an coirt as an líon ann: árus cruinn íseal adhmaid go bhfonnsaidhibh ar nós an tsoithigh. Cuirtear iasc ar leasughadh ann.

scartaire: *b.4.* screadaire, callaire. Is fada ó bhaile a chloisfeá ag glaodhach an scartaire: duine go mbíonn uchtach láidir aige chun béice do dhéanamh. An scartaire seo ar fuaid an bhaile lé n-a chloigín ag fógairt ainmhidhthe atá imthighthe amugha: callaireacht cluig.

scartaireacht: *b.3.* screadach, callaireacht, liúighreach; pléascadh; ceileabhradh. Budh bhreágh leat scartaireacht na n-éan san ngleann maidean bhreágh: ceileabhradh. B'ait liom cé hiad a bheadh ag scartaireacht san áit iargcúlta an dtacaid sin d'oidhche, agus bhain sé an-phreab asam .i. go raibh pléascadh gáiridhe aca. Chloisfeá an scartaireacht a bhí ag an sluagh ar pháirc na himeartha tamall maith ó bhaile: an gleódh 'san bhéiceach ina fhothram mór, árd.

scartálaim: *b.a.* glanaim, scaipim, réidhtighim. Scartálfar na sean-thighthe agus tógfar a malairt de thighthibh nuadha ina n-ionad. Scartálfar an sean-ghleann ó cheann ceann go ndéantar bóthar tríd: réidhteófar is glanfar: gach constaic atá ann aistreófar. Scartáladh an tarbh leis na cocaidhe (féir) chómh fada lém chuid-se dhe más cuma leat-sa é do lat: scaipeadh.

scartálta: *a.r.* leagtha, réidhtighthe, glanta, oscailte. Is fada go mbeidh a bhfuil de thighthibh atá bascuighthe i rith an chogaidh seo scartálta, tá an oiread san screasa déanta ortha: réidhtighthe, is an trufais aistrighthe. Gach a raibh de bheárnachaibh ann táid scartálta anois agus is féidir cairt is capall do ghabháil tríotha: gach aon chonstaic tógtha is slighe réidh déanta ann.

scartghail: *b.3.* béiceach, éigheamh árd, lógóireacht, pléascadh. Tháinig scartghail gháiridhe ortha fé nuair chonnacadar an treascairt do baineadh as is an meas go léir a bhí fé: pléascadh mór. Chuirfeadh sé an saoghal mór ag scartghail leis an ngreann atá ann: ag pléascadh lé gáiridhe. Bheadh truagh Mhuire agat dóibh, iad ag scartghail ghuil ar bhás a máthar: lógóireacht: ag éigheamh is ag gol. Dá gcloisteá an scartghail a bhí ag an mangaire ag díol a chuid earraidhe: an t-éigheamh árd, glórach. Nár mhór mar bhí sé tógtha go raibh sé annsúd ag scartghail ghuil lé holc ceart: ná féadfadh a mhianach do shrianadh gan pléascadh. Mara mbeadh scartghail agat nuair a chidhfir é, dhéanfá aon gháire amháin fé mara mbeadh agat ach é: pléascadh gan chosc. "Cad chuige an scartghail is dóigh?" adeir duine nuair ná tuigeann an fáth.

scart-sholas: *f.1.* solas maith, soiléir. Sid í an aimsir ná lamháltar dos na daoinibh scart-shoilse do bheith aca ar na sráideannaibh: soillse breághtha, geala. Is furaiste d'éinne a eólas d'fhagháil anocht is an scart-sholas atá ann: solas geal gealaighe.

scarttha: (**scartaithe**) glanta; réidhtighthe, árduighthe (breacuighthe). Dá mbeadh an áit sin scarttha leagfaimís fotha an tighe: glanta: trufais, cré, clocha is an uile constaic aistrighthe as. Tá an lá scarttha anois, tá sé chun bóthair: an spéir árduighthe: pé scamall, báisteach nó ceódh a bhí innte bailighthe leis. Ná fuil an chistinn scarttha agat fós: rudaidhe a bhí uirthe curtha in áit chonnláistigh. A dheiseacht is bhíonn a nead scarttha ag an ndreóilín: feistighthe.

scáth: *b.3.* cumraidheacht, amhdhoircheacht ar bhall áirighthe ó theacht ruda éigin idir é agus an solas; aon rud a néas cosaint nó fothain, díon, scar amhdhorcha i gclódh soiléir ar bhall geal ar theacht do rud dlúith idir an solas agus é; dúmas, leathscéal; son, bail, sochar; fuath, taidhbhse; scáil, cosamhlacht lag, shuarach duine nó ruda; faitchíos; eagla; tamáilteacht. Ar bhfeicsint a scátha don mhadra ins an uisce do leig sé uaidh an cnámh a bhí ina bhéal i leith is gur madra is cnámh dearbhtha eile do chonnaic sé is go n-ionnsóchadh iad: a dhéanamh féin líomhtha ina scar dorcha ar an uisce. An í do scáth atá agam nó tú féin?: samhladha éigin ná fuil dearbhtha. Fan ó bhruach na habhann nó chidhfidh súil ghéar na mbreac do scáth is teichfid: íoghar do chuirp líomhtha ina scar dorcha ar ucht na habhann. Níl ann anois tar éis na tuarasgabhála atá fachta ón aicíd aige, ach scáth i mbuidéal: caithte, croithte gan aon tathnag. Do scáth ná feicim i mbéal ár ndorais choidhche airís: ná doirchigh ár ndoras: fan uainn. "Níl ann ach an scáth", deirtear lé duine nó ainmhidhe a bhíos an-lom, an-bhocht, an-chaithte. Ní fheacaís me féin ná mo scáth ann .i. ná éinne mar me. Ar scáth a chéile mhairid na daoine (an saoghal): chabhair-se liom-sa agus cabharfad-sa leat. Téighir ar scáth an tighe ón sín: fág an tigh idir tu agus í: ar thaobh na fothana. Dhein sé é gan scáth: gan aon iarracht do thabhairt ar é do cheilt. D'imthigh sí amach san anaithe gan aon scáth uirthi: clúdach nó cosaint. Cuir an scáth ar an bhfuinneóig ná beifear ag féachaint isteach: clúdach a choisfidh an áit istigh ó radharc amuigh. Dá mbeadh aon tsaghas scátha ar do cheann ón ngréin: rud éigin mar scaif, criasúr, hata, caipín, bairéad. Gheóbhadh sé cáirde is airgead sa bhaile mhór ar scáth a mhuinntire: ar son. Ar scáth go raibh sé ag dul go Corcaigh chuaidh sé go B'l'Áth Cliath: ar leathscéal d'fhág sé ag dúmas go raibh. Ar scáth díolta rálach mhóna bheireadh sé poitín i bhfolach san ualach leis: leathscéal dob eadh an mhóin chun an phoitín do cheilt. Ar scáth a dhiamhóideachta bhíodh sé ag goid is ag slad: ag leigeant air do bheith ionraic, diadha, is é mar fhothain gadaidheachta aige. Ar scáth breóidhteachta d'éaluigh sé ó dhul ag troid: é sin mar leathscéal aige. Ar scáth foghluma tháinig sé 'on dúthaigh chun spiaireachta do dhéanamh dá thír féin: ag dúmas gurbh é sin a chúram sa tír iasachta. Ná bíodh aon scáth ort teacht isteach, ní bhainfidh éinne greim annso asat: faitchíos, tamáilteacht. Aon phioc scátha níl orainn rómpa dá mbeidís dathad uair níos láidre 'ná táid: aon eagla. Is furaiste leis an gcapall scátha do thógaint roim rud ar an mbóthar: sceit: eagla do theacht air. Is folláin dúinn fé scáth an tighe is an uain atá amuigh: clúdach, cosaint. Duine an-fhaitchíosach seadh thu, chuirfeadh scáth duine (an scáth) eagla ort: aon rud: aon tsamhaladha. Beirtear tráchtáil thar lear i longaibh fé scáth cabhlaigh ina dtionnlacain: fé chosaint áthrach cogaidh. Ní bhíonn scáth ar bith air .i. tá sé dána. Admhuighim ar dheineas gan aon scáth ina thaobh orm: gan mhairg: gan faitchíos. Déineann sé scáth cinn coinín ar an bhfalla lé n-a mhéireantaibh: cosamhlaidheacht, cumraidheacht dhorcha ar ghile an fhalla. Nuair is giorra scáth na gcorann ón ngréin .i. an ghrian go hárd sa spéir. Tá sé ceangailte ina cheann gur indiu go bhfeacaidh sé scáth an duine ag gabháil tharais: samhladha nó taidhbhse i gclódh an duine. Caitheann na háir a scáth rómpa .i. na rudaidhe atá lé tuiteam amach tugaid foillse dhúinn: bíonn a dtuar ortha. Níl ionam féin (sa duine) ach scáth is scáth a leanaim: rud duthain: neamh-chómhnaidhtheach. Is baoghalach lé mórán i Sasana ná beidh ach scáth a chómhachta tráth, má bhíonn aice, i ndiaidh an chogaidh seo: fíor-bheagán maidir lé n-a raibh. Níl an scáth deifridheachta idir an mbeirt dhreathár, is deacair iad d'aithneamhaint ó chéile: fíor-ádhbhairín. Tá sé ag druideamhaint leis an oidhche tá na scátha ag scaradh: ag dul i bhfad: an chróntráth ag teacht. Déanfaidh an seanphaca san scáth mhaith dod

ghuailnibh ón bhfearthain: cosaint. Bhí a haghaidh i scáth, níor thugas fé ndeara i gceart cad é an gortughadh a bhí uirthi .i. gan an solas do bheith ag bualadh uirthi go hiomlán. Ar scáth síothchána tháinig sé chughain is chuir clampar orainn: ag leigeant air. Is mór a fhuilngeann ár muinntir ar ár scáth, ghár gcothughadh is ghár n-oileamhaint in ár n-óige. "An té áitigheas in uaigneas an té is ró-áirde do dhéanfadh sé cómhnaidhe ar scáth an Uile-chómhachtaigh" (Sailm XCI. 1): daingneacht is cosaint. Níl i mbilleóig an bhúird ach an scáth ní iomcharóchadh sí puinn: í an-thanaidhe. Dá mbeadh scáth os chionn an lampa nó ar chúl thabharfadh sé breis sholais uaidh: gléas chun an tsolais do shárughadh nó do dhíriughadh i dtreó áirighthe. Is mór an chosaint ar an radharc don té a bhíos ag obair fé sholas láidir scáth súl: clúdach chun nirt an tsolais do sheachaint. "An cómhthrom iad, an dóigh leat?" – "déarfainn go bhfuil scáth bheag eatartha": ádhbhairín (ionga bheag) meádhachtainte breise eatartha. Bíonn scáth doras líontáin ronna ar na dóirsibh chun na gcuileann do choimeád amach: doras in ionad an ghnáth-dhorais. An peaca is a scáth an bás: a chaomhna: cóimhleacaidhe. Ní raibh aon chao agat ar meisce d'fheiscint ann, mar b'fhada as me, mara bhfeacaís mo scáth: mo thaidhbhse. Téighir i scáth éigin ná feicfear thu: in uaigneas. Leanann sé me ar nós mo scátha: pé áit go mbím bíonn sé lém shálaibh. "Íodhbraid siad ar mhullaighibh na sliabh, agus loiscid túis ar na cnocaibh, faoi dhairghibh agus phoplar agus sleamhán, de bhrigh gur maith a scáith sin; uime sin do dhéanfaid bhur n-ingheana striapachas agus do dhéanfaid bhur mná pósta adhaltranas" (Hosea IV. 13): cosaint: dídean is clúdach. Ar scáth cómhairle chuir sé ar m'aimhleas me: ag leigeant air gur ar mhaithe liom é.

scáth-: (**scoith-**) *i gcfbh*. lag, faon, mealltach, néallach, dídeánach. Luigh isteach annso fés na carraigeachaibh scáth-árda so: an aoirde sin ionta go bhfuil díon mór ó anaithe ionta. Ná bíodh aon scáth-cheilt aca air gur mharbhuigheadar é, is eól dos na sluaightibh é: bheith d'iarraidh é d'fholach ar a ndícheall ar mhórán cúinse. Nuair bhíonn rud éigin cluthair, deiscréideach ar siubhal aige bíonn scáth-chúram éigin ar bun aige: gnóth éigin go sílfí ná beadh a mhalairt air. Ní fhéadar, ach bhí scáth-chreideamh éigin leis féin aige go mbíodh sé ag imtheacht go haonarach ist oidhche ameasc na gcnoc: creideamh ná raibh soiléir do chách. Scaoiltear deatach os chionn ionadaibh míleata in aimsir seo an chogaidh mar scáth-chlúdach .i. a chuirfeadh amudha an namhaid ar a dtriall. Níl san tsean-chasóig sin ach scáth-chosaint ar lá anaithe mar é seo: dídean an-lag. Ní bhfuaireas ach scáth-amharc air, ní fhéadfainn a dhéanamh amach go deimhnightheach cad a bhí ann ach go raibh cosamhlacht an duine air: amharc reatha: neamh-chruinn. Bhíos ag scáth-fhéachaint siar fén bhfarraige: ag dearcadh is mo lámh agam ag cur na gréine dem radharc. Níl ach dath beag scáth-bhán ar na fallaidhibh, mar is fada gur cuireadh aon aol fútha: néall beag bán ann. Cad iad na scáth-bhuillidhe seo ort-sa?: scuab-bhuillidhe fén aer. Is iomdha duine ná taithnigheann a bhóithre leo, toisc a scáth-bhearta: bearta a bhíos aige dhá fholach ar chách. Tá sé scáth-dhearg, an áit go ndeaghaidh an deilg im mhéir: é níos deirge 'ná an chuid eile den bhfeóil 'na tímcheall. Cnoc mór bun-fhada scáth-leathan An Fiolar .i. coisceann sé mórán de ghealas na gréine ó ucht na talmhan. Thug sé scáth-scáil orm, ach sin a raibh, budh dhóigh leat gurb amhlaidh bhítheas chun é do mharbhadh: féachaint thamáilte, faitchíosach. Ar éirghe amach ón solas bhíos chómh scáth-shúileach san is gur ar éigean d'fhéadfainn nidhthe do bhreithniughadh ina gceart: spearbaill ar an radharc, scamaill dhorcha ag taidhbhseamh ortha dhom. Nách scáth-shúileach do chuaidh sé dhuit satailt orm: nách dall a bhís nár thugais fé ndeara cá rabhais ag gabháil nó ag cur

do chos. Cuireann deoch láidir scáth-shúilighe ar dhuine: cuireann sé scaradh ar an radharc: bíonn doircheacht ag teacht idir é agus an rud go mbíonn ag féachaint air. Cuirfidh súd scáth-shúilighe oraibh lé n-a chuid airgid: an oiread san iongaidh ná creidfeadh sibh bhur radharc.

scata: *f.4.* tréad, ealta, dream, sluagh, díorma. Is breágh an scata fear sibh lé hamharc, bail ó Dhia oraibh: díorma: sluagh beag. Scata caorach go bhfeicfeá uait taobh an chnuic breacuighthe aca: tréad: líon mór dóibh. Bhailigh daoine 'on tsochraid ina scataidhibh: dreamanna. Bhur leithéid eile de scata bleaigeárd níl idir cheithre chreasa na conntae: cuallacht. Maran sibh an scata agam chun bheith bhur gcothughadh: dream nách fiú iad é. "An bhfuil airgead agat?" – "scata": cuid mhór. Bhí an mháthair 'sa scata istigh rómham: cuallacht fé chúram duine amháin. An ghé is a scata: a hál. Scata oileáin is carraigeacha ar líon na mblascaodaidhe: cuid mhór mhaith.

scáthach: *a.* támáilte, faitchíosach, eaglach, díonach, scáileach, dorcha. Budh mhór an truagh é do bheith chómh scáthach, ná cuirfeadh é féin in iúil agus an méid atá ar eólas aige do chur i bhfeidhm: faitchíosach, cúlbhánta: tamáilte. Ná bí chómh scáthach san ameasc sluaigh, ná tuig go bhfuil gach aon tsúil ghod thabhairt fé ndeara: tamáilteacht. Dá mbeadh oiread eile toirte ionat ní bheinn-se scáthach rómhat: faitchíosach. Cailín ró-scáthach seadh í, níor dhóigh leat go mbeadh sí láithreach in ao'chor, ní bhíonn focal aiste: neamh-charáisteamhail, neamh-dhána. Bíonn sé scáthach ar an muir má bhíonn aon chorruighe in ao'chor innte: eaglach. Claidhe maith, scáthach é sin, sceacha is aitean go flúirseach ann: is mór an fhothain d'ainmhidhe é: díonach: cosanta: cluthair.

scáthachas: *f.1.* támáilteacht, cúlbhántacht, faitchíos, cúthaileacht, náiridheacht. Ar mh'anam go mbeadh scáthachas mo chroidhe orm labhairt lé duine tábhachtach mar é, níl taithighe agam ar a leithéid: faitchíos: iargcúlacht: neamhfhonn me féin do chur in iúil. Cuireann splanncacha 's tóirneacha scáthachas air, bíonn sé ar dearg-chrith rómpa: eagla. Bhí grádh aige dhi ach bhí sé chómh cúlbhánta san go raibh scáthachas air é chur in iúil di: faiteachas: laige meisnigh.

scathadh: (**scathamh**) *f.* (*-thta*) tamall, aitreamh, seal. Chaith sé scathadh ar leabaidh léi: bhain sé scathadh dhi: tháinig cumasc aige léi. Bain scathadh as an hata san anois, is fada airís go bhfaghair a mhalairt: tabhair aire dho agus bain oiread aimsire as agus is féidir.

scáthaim: *b.a.* clutharuighim, dídeanaim, cosnaim ar sholas nó ar theas; seachnaim; fothanuighim. Scáthuigh an ghrian ód shúilibh léd bhais: cuir í os a gcionn ar a faobhar ar t'éadan chun gathaidhe na gréine do chur ar leathtaoibh. Scáthann an mothar crann san an tigh go maith ón (ar) ngaoith: cosnann: cuireann de í. Scáthadar ar feadh bliadhna tímcheall an tighe ar an namhaid é: cheileadar: d'fholuigheadar. Níl aige ach féachaint orm nuair scáthaim roimis: scannruighim. Scáthuigh a mhuinntir ar airgead do bheith aca ar eagla go mbeadh ghá éileamh: cheileadar. Is maith do scáthuigh sí an leanbh toghartha a bhí aice ná fuairtheas amach riamh uirthi é: chongaibh ina rún. Scáthuigh do loirgne ón dteas nó barra-dhóghfair thu féin: cuir cosaint éigin idir thu agus í.

scáthadh: *f.* (*-thta*) ceilt, folach, cosaint, clúdach, clutharughadh. Ná bí ghod scáthadh féin in ao'chor, má táir annsan, ach tair amach: ghod choimeád féin i bhfolach. Bím ghom scáthadh féin air chómh maith agus fhéadaim, ní taithneamhach conbharsáid ar bith do bheith agam leis: ghá sheachaint. Chun a shúl do scáthadh ón solas aibhléise is eadh an bhas san ar éadan an chléirigh: do chosaint: neart an tsolais do lagughadh. Ag scáthadh na n-árthach ceannaigh bíonn tionnlacan cabhlaigh is áthraighe aoir: chun a gcosanta ar an namhaid. Bíonn rud éigin ag teacht ar an inchinn aige go mbíonn sé ghá scáthadh féin (ós) ar na daoinibh: ghá seachaint: ag coimeád ar leithridh leis féin. Ní raghadh Písín, pé hé féin, amach ar a ndeáibreachaibh, i leith achrainn is clampair seadh bhíd ag scáthadh a chéile: ag clúdach beart a chéile. Má tá aon rud lé cur im leith agat anois an t-am agat, ná bí ghá scáthadh orainn: ghá choimeád ina rún. B'éigean do é féin do thabhairt suas don namhaid nuair ná faghadh sé éinne a dhéanfadh scáthadh air: clúdach, folach, ceilt. Ná bí ag scáthadh an leinbh léd chuid cumaidhe, cuirfir ag gol é: ag cur eagla air. Á, ní rabhas ach ghá scáthadh chun seóidh: ag cur faitchíosa air: ag baint preaba as.

scáthalach: *f.1.* uamhan, scannradh, uathbhás. Tháinig scáthalach ar an gceanntar nuair chualadar go raibh an namhaid éaluighthe isteach ina measc gan aon choinne thar oidhche: uamhan ar a gcroidhe. Theicheadar fé thalamh i ngach scairt fothana is scáthalach ortha ges na pléascáin a bhí ag teacht ina gcioth ón spéir: uamhan croidhe.

scathamh: *f.1.* seal, tamall, cuid, blúire, gearradh, teascadh, bearradh. Tair scathamh den mbóthar liom chun cuideachtan: tamall: scar: míle nó mar sin dréir faid an triaill. An scathamh dem shaoghal a chaitheas san Oileán Úr ní dheaghaidh sé chun mo thairbhe: an méid aimsire. Táim cortha tá scathamh mór maith spealadóireachta déanta agam: seal. "Connus tá an tsláinte agat?" – "scathamh go maith is scathamh gan bheith go maith": ann as. Bhain sé scathamh maith as – cheithre fichid: tamall maith fada den saoghal so. Is geairrid an scathamh a sheasaimh na bróga san, ní fuláir nó droich-mhianach leathair a bhí ionta. Bíonn scathamh saor ag an scoil ar feadh leath-uaire an chluig i meádhon lae: seal. Ar feadh scathaimh fhada gur shíleas ná beadh deireadh go deó leis, ar nós gach nduine go mbíonn an t-imshníomh air, do bhíos ar fionnraighe ag feitheamh leis: seal mór aimsire. Thagadh scaithtí geala ach níor bh'fhada mhairidís i slighe is ná leigfeadh eagla dhúinn corruighe .i. anois is airís do ghealadh an aimsir. Scathamh codlata, siubhail, óil, etc.: seal. Tá an scathamh caithte aige .i. a aimsir ar an saoghal so suas. B'é súil is tuairm gach nduine a bhí ag éisteacht leis go dtabharfadh an giúistís scathamh do as an éitheach dearg a bhí aige dhá dhearbhadh: seal i bpríosún. An oiread scathaimh fachta ag coilltibh na hÉireann leis na bliadhantaibh nách mór díobh atá lé chéile: gearradh: teascadh. Mo thruagh na saighdiúiridhe bochta atá dhá scathamh ag an mbás leis an bhfuacht thoir sa Rúis an geimhreadh seo: dhá threascairt: dhá gcur chun bháis gan aon dul ar éalódh uaidh: iad ag tuiteam ar nós na gcuileann. Thugas scathamh ar mo phíp do: seacha do bhaint aiste. Tá ár scathamh caithte againn annso: ár n-uain: aimsir go leór.

scáthamhail: *a.* támáilte, cúlbhánta, iargcúlta, faitchíosach, sceiteamhail. Bíonn sé ró-scáthamhail in aon áit go mbíonn sé nách mór go mbraithtear ann é: cúthail é féin do chur in iúil. Capall scáthamhail seadh é mara gcorróchadh ach páipéar ar an mbóthar léimfeadh sé ó thalamh: furaiste geit do bhaint as: eagla do chur air. Focal ní bhíonn asta os chómhair daoine deóranta, táid chómh scáthamhail sin: iargcúlta: faitchíosach. Cé

nách maith is nách cóir an rud do bheith ró-dhána ar an bhfarraige tá sé chómh holc díreach do bheith scáthamhail uirthi: faithteach: eaglach gan chúis. Leanbhaidhe scoile is scáthamhla go mór 'ná a chéile roim mháighistir: is neamh-dháine: a bhíos níos náirighe. Sheasaimh an duine bhocht go scáthamhail cois an dorais is gan drundam as, budh dh'fhóbhair ná tabharfadh neach a mhaireas fé ndeara é: cúthail: gan cor ná gíocs as: mar bheadh d'iarraidh é féin do cheilt ar chómhluadar. Thugas fé ndeara í ag féachaint go scáthamhail air is lasadh ag teacht innte, b'fhuraist aithint uirthi go raibh sí i ngrádh leis. An bheart ní dhéanfadh sé choidhche ameasc dreama mar iad súd, tá sé ró-scáthamhail aon rud do rádh ná taithneóchadh leó: mothálach: mí-mheisneamhail.

scáthamhlacht: *b.3.* támáilteacht, cúlbhántacht, cúthaileacht, faithteacht, iargcúltacht, sceitheamhlacht. Ní bheadh aon scáthamhlacht ar an nduine úd labhairt ó lár an phobail leis an sagart ar an gcrannóg, tá sé chómh tuathalach san: faithteacht: mí-mheisneach i dtaobh na scannaile ná náire a leithéid do dhéanamh. Tá scáthamhlacht orm roimis, cloisim gurb árd-dhroichghéag é: mí-mheisneach: ní bhraithim ró-dheimhnightheach díom féin ina fhochair. Bhriseadh sé do chroidhe d'iarraidh na scáthamhlachta do bhaint amach as, ar chóisir ná i gcuideachtain ní raghadh sé dá scothfá an ceann de: támáilteacht, cúlbhántacht. Ith leath do sháith is caith uait an scáthamhlacht, tá fáilte is fiche rómhat: náiridheacht: an maitheachas croidhe ná leigfeadh do itheadh. Ní bhíonn aon scáthamhlacht ar an spiodóigín eiteall isteach ar an mbórd is a cuid brúscair do phriocadh: aon eagla uirthi go n-eireóchadh rud ar bith dhi: scáinteacht. Bíonn scáthamhlacht éigin ar an gcapall san roim rud éigin ná cuirfeadh aon rud iachall ar dul isteach 'on stábla: scáinteacht: faitchíos go n-éireóchadh rud éigin do. Lé taithighe imtheóchaidh an scáthamhlacht dhíot: an náiridheacht: mántacht.

scáthán: *f.1.* uachtar slíogtha go n-éirigheadh crutaon de, rud go gcuirtear suim nó caoraidheacht ann; pátrún. Tá sé ar nós an scátháin anois gan braon fola ann: tanaidhe: léirighthe. Is maith an scáthán súil carad: is ina shúil a chidhir cad é a mheas ort. "Is é a scáthán an scáthán scólta, na laghanach ó fhras-shil a póir-dhearc": a dreach. Ar an meas is an tóirtéis atá fúithi budh dhóigh leat uirthi gurb í scáthán Fodla í: gurb uirthi bhí súile uile na Banban. Nuair chuir sé an Filleadh Beag air féin b'é scáthán a raibh ar an sráid é: bhíodh an uile dhuine ag dearcadh air. A Scátháin an Chirt, a Chathaoir na hEagna, etc.: is agat agus uait atá iomláin an chirt lé fagháil. An breitheamh a dhaor Eimit níl aon bhaoghaol gur bh'é scáthán an chirt ná na córach é: go dtabharfadh uaidh iad gan chlaon. Is beag é gnóth lucht féachana i scáthánaibh: lucht a suimighthe féin. Féach sa scáthán ort féin: scrúduigh do bhearta go beacht. Dubhairt an sagart ambasa gurbh é T. scáthán an phobail ar ar thug sé de chartanacht uaidh: sompla maith dhóibh. Seachain me, táim chómh dearóil lé scáthán: leice, briosc: so-ghoirtighthe.

scáthánach: *a.* tanaidhe, ar nós scátháin. Ní fada ó bháistigh thu, féach ar an spéir scáthánach san laistiar: tanaidhe: dearóil .i. go mbíonn gléas is scáil i bhfuinneógaibh is i leacachaibh uaithi.

scáthánta: *a. n-dh.* geal, glé, deighfhéachain, dathamhail. Ó mhullach an chnuic uait anuas an chuma scáthánta a bhí ar an loch chuirfeadh sí breághthacht ar dhuine í d'amharc: í geal, glé ar a huachtar mar bheadh scáthán mór. Ní gábhadh bheith ghá

moladh go canaibh na gréine, tá sí scáthánta a dóthain má tá aon mhaith eile innte: dathamhail. Ní bheir scáthánta do dhóthain gan bheith ag cur phúdair fút: maiseamhail go mbeifear ag breithniughadh ort.

scatghail: *f.3.* d'imtheacht i scataidhibh. "Aon fheadóga sléibhe tímcheall annso?" – "scatghail bheag": mion-ealtaidhe annso is annsúd ag gluaiseacht. Bíonn scatghail dhruideann is éanlaithe eile tímcheall annso sa gheimhreadh: ealtaidhe ag eiteall ó bhall go ball.

scáthmhaireacht: *b.3.* faitchíos, cúthaileacht, cúlbhántacht, náiridheacht. Bíonn scáthmhaireacht air, pé ciall é, ameasc daoine, b'fhearr leis uatha 'ná eatartha: fonn a seachanta trí neamh-dhánaidheacht. Mar ar labhrais riamh roimhe seo féin leis, ná bíodh aon scáthmhaireacht ort roimis, ní haon ghreim a bhainfidh sé asat: coimhtheas: neamh-mheisneamhlacht dul ina dháil. Mórán mór (daoine) go mbíonn scáthmhaireacht ortha teacht ar an árdán: go dtagann saghas creatha ortha: gur dóigh leó go mbíonn an lucht féachta ag faire go dlúith ortha agus iad árd-cheartéiseach ar a ngníomharthaibh. Tháinig cion a chroidhe aige uirthi, ach ní leigfeadh scáthmhaireacht do labhairt léi, táinig luisne ann is theip a theanga air.

scáthmhar: *a.* eaglach, iargcúlta, támáilte, uathbhásach, scannruightheach, fothanach, cluthair; dathamhail. Ná bí scáthmhar roim an ndochtúir, ní díoghbháil a dhéanfaidh sé dhuit ach maitheas: eaglach. Bheinn scáthmhar ná déanfadh sé a chion, ní fheadar cad é an saghas é mar ná fuil aon aithne agam air: faitchíosach: ní bheadh muinghin láidir agam as. Duine ró-scáthmhar, bhainfeadh aon rud, dá luighead é, preab as: lag-spirideamhail. Bead scáthmhar agat sara mbead ar mo thástáil mara stadair de bheith ag trácht ar an gconntabhairt atá rómham: beidh mo mheisneach ag cailleamhaint orm. Éan scáthmhar seadh an ghé fhiadhain, is deacair dul ina ghoire: braithteach, eaglach. Tá an bóchna uile scáthmhar indiu – í ag briseadh 'sag réabadh 'sag béicigh: chuirfeadh sí scannradh ar dhuine féachaint uirthi lé fiadhantas. Faighidh áit scáthmhar díbh féin chun bhur gcoda d'itheadh, tá an iomad gaoithe annsan: fothaineamhail. Tá m'inghean chómh scáthmhar le hinghin aon mhná eile: dathamhail, sciamhach.

scáthuighthe: *a.r.* clúduighthe, cluthartuighthe, ceilte, cosanta, coimeádta ina rún. Chuarduigheadar an ceanntar ina órdlaighibh d'fhéachaint an raibh a dtórán scáthuighthe ag éinne ann: fé cheilt: fasc dhá thabhairt do. Leath-scáthuighthe do dhóthain nílir ón sín atá ann, cuir tuilleadh éadaigh umat: leath-chosanta. Bheadh sé i bhfad níos fiadhaine 'ná tá sé mara mbeadh é bheith scáthuighthe ón bhfarraige ges na hoileánaibh: iad bheith ag teacht idir an talamh is síonta fiadhaine na farraige. Tá a dhroich-bhearta scáthuighthe go maith lé fada, ach níor bh'fhéidir iad d'fhanacht ina rún choidhche: fothanuighthe.

sceach: *b.2.* plannda láidir, fiadhain, deilgneach; dris, driseóg. Raghadh sé fén sceich chun é do bheith aige .i. gabháil fé sceich go mbeadh a dhá cheann i dtalamh is é féin do thabhairt suas don áidhbheirseóir! deirtear go leanann buaidh. Lé duine go ngaibheann cártaidhe maithe chuige deirtear "ghaibh sé fén sceich". Fan uaidh, sceach fir seadh é: duine gur deacair connstrabháil leis. Níl ionam-sa ina ionad ach sceach i mbéal beárnan, choidhche ní bheinn chómh maith leis: atharrach gan mhaith: ionadóir ná beadh in aon

tánaiste dho. Éanlaithe aon chleite fén aon sceich .i. deinid scátghail i bhfochair a chéile. Tor sceach: mothar de thuigidhibh fada deilgneacha. Agus an sceach do bheith ina bhéal ní fhéadfadh sé éisteacht: ar aon rud do dhéanamh leis bheadh sé ag cur as.

sceachach: *a.* lán de sceachaibh. Gleann, claidhe sceachach: tuir is deilgne ortha.

sceachaill: *b.2.* cnapán uige go mbíonn othar istigh ann; anntarán, sceachóg. Tá sceachaill ar fad déanta dhe lé déidheannaighe: anntarán: duine trom, aindeis, neamh-éascaidh.

sceachaire: *f.4.* connstrabhálaidhe. Focal ní fhéadfá do labhairt leis an sceachaire sin ná go mbeadh sé id mhuineál: beach fir. Sceachairidhe diabhail gur bh'fhearr liom bheith as a radharc 'ná bheith d'iarraidh me féin do chosaint ortha: lucht achrainn.

sceachaireacht: *b.3.* canncaireacht, achrann, troid. An sceachaireacht atá ceangailte isteach ann ní mór go bhféadfá féachaint cam air gan púic do theacht air: cráidhteachán duine ná bíonn uaidh ach. Níl aon chiall leis an sceachaireacht so eadraibh ar aon teinteán, ná ceapfadh sibh bhur suaimhneas: giobaireacht chun troda.

sceachóir: *f.4.* toradh na sceiche gile. Bliadhain na sceachóiridhe: bliadhain shona.

scead: *b.2.* ball bán in éadan ainmhidhe. Capall is scead ann.

sceadach: *a.* ballach, breac, scáinte, smeartha. Maidean go raibh an spéir sceadach is ná raibh cuma ró-chneasta uirthi: smeartha: néallta briste ar fuaidreadh tríd an spéir. Má bhí aon fhéasóg in ao'chor air budh sceadach í, níor thugas fé ndeara í: fánach: scáinte. Searrach sceadach chómh dubh le daol gur ghleóidhte leat amharc air: ball geal ina éadan.

scéag: *b.2.* putóg. "Cruthughadh na scéige a hitheadh": gan tástáil do bheith ag duine ar rud ní furaiste dho breith cheart do thabhairt air. Stracfaidís an scéag as, tá an oiread san gráine aca air: thabharfaidís a ionathar ar an saoghal.

scéal: *f.1.* eachtra, stair, cunntas, tuairisc, teachtaireacht, fios, ócáid, rud, nuadhacht. Éist liom, tá scéal agam duit .i. rud éigin ná chualaís fós go mbeadh suim agat ann. Cad scéal?: cad é an nuadhacht atá agat. Cad scéal indiu aca?: connus tá aca. Cad scéal ag an gcogadh é?: connus tá sé ag gluaiseacht? Sin é mo scéal-sa, is má tá bréag ann bíodh: m'eachtra .i. an críochnughadh budh ghnáth lé seanchaidhe do chur ar eachtra nó scéal fianaidheacht. Tá scéal deas agat más mar sin atá agat .i. níl go maith in ao'chor. Tá scéal deas agam, mo chuid airgid caillte agam .i. tá go breágh agam: tá thiar orm. Tá scéal agam-sa air sin, ná creid aon fhocal den méid atá cloiste agat: eachtra fhírinneach. Tá scéal agam-sa ar an bhfear san: cur síos (gur fiú éisteacht leis). Éist lém scéal, is ní haon scéal scéil é: cunntas aduighthe ar chunntas éile ach an fhírinne ghlan. Fear seadh é sin, mín, macánta ná cuirfeadh bréag ná scéal ar éinne: ná déanfadh cur síos air a dhéanfadh díth. Tháinig scéal fé thóin chugham go rabhthas ar mo thí agus bheith ar m'aire: i ngan fhios: ina rún. Sin é an scéal anois agat gan focal fé ná tharais: cunntas cruinn mar thárlaidh, díreach. Léan air mar scéal, éirighidh as, táimid bodhar agaibh leis: mar rud atá

ag déanamh clampair. Ná déin scéal Mhadra na nOcht gCos de: scéal fada leadránach. Aon duine a bhí ag éisteacht leis bhí sé bréan de, dhein sé scéal an chaipín deirg de: scéal liosta, ná féadfadh éinne géilleadh dho. Ar bhualadh lé chéile do dhaoinibh, rud coitcheann a rádh, abair scéal .i. má tá aon nuadhacht agat scaoil chughainn é. "Abair" - "níl scéal ná duain agam": faic in ao'chor lé n-aithris agam. Bíonn scéal ó phréachán dubh éigin i gcómhnaidhe aige: choidhche ní bhíonn gan nuadhacht nó eachtra reatha aige. Scéal a thairngeann scéal agus mar sin bhíodar ag cur thársa ar na háiteannaibh a chonnacadar is na heachtraidhthe a thárlaidh dhóibh. Scéal ar bharra bata do chuireas chuige: sreang-scéal. Sé an scéal ar an bhfán atá aige bheith d'iarraidh teacht suas lé n-a chuid is é bailighthe ag an bhfeallaire úd leis: cúrsa ná beidh faic dá bharr aige. Ná déin Máire Ní Ógáin is cluas do thabhairt do gach aon scéal reatha a shroicheas do chluas: ráfla. Is oth liom aon droich-scéal do bheith agat ná ag éinne des na cómharsannaibh: aon droich-nidh a bheith tuitthe ortha. Tabharfaidh an chos san scéal nuadh dhuit mara bhféachfair chúiche: raghaidh sí in olcas, agus beidh sí an-thinn. Dá gcuirinn-se síos ar scéal a bheatha san dheimhneóchainn gur rógaire críochnuighthe é: cunntas ar connus mar chaith sé a shaoghal. "Scéal scéal, earball ar an éan, láir bhacach bhuidhe, Searrach Ó Sidhe, Liam 'sa mhac madra ruadh Ghaedhealach, Séice De Ram" (rann bheag leanbh). "An té a gheibheas sáith saoghail gheibheann sé sáith scéil": a dhóthain mór eolais. A scéal féin scéal gach éinne: an cúrsa a bhíos ag baint lé duine féin is é is mó a ghoilleann air. "Bíonn dhá innsint ar gach aon scéal – is dhá ghabháil déag ar gach amhrán" .i. dhá thaobh. Ná creid an chéad scéal go mbeiridh an dara scéal ort: éist leis an dá thaobh sara dtugair do bhreith. Cuir uaim do chuid ceisnimh sé an scéal ó Shamhain go Bealtaine agat .i. bheith ghá rádh is ghá rádh. Seo mar tá an scéal aca – duine aca is fonn air, duine eile is mío-fhonn: sin é an aiste atá ar an gcúrsa. Is olc an scéal nách fiú "huth" do rádh leis .i. is fiú éisteacht leis gach nidh. Níor chuala riamh agat ach scéal gan deallramh .i. scéal ná bíonn crot a dhóthain air chun é do chreideamhaint. Nuair tugtar solaoid shoiléir i dtaobh aon nidh deirtear, sin é an scéal 'sa chómhartha lé n-a chois agat. Is túisce deoch 'ná scéal .i. ólaimís ar dtúis agus annsan bímís ag cainnt. Ní fiú náid scéal gan ughdar .i. aon rud ná fuil bun lé tabhairt leis ní fiú éisteacht leis. Tá sé caithte uaim fadó agam, tá an scéal san ina ghála mharbh .i. níl aon éileamh agam air anois. Ar chlos ruda go mbíonn amhras ag duine air déarfaidhe "is mór an scéal é maran bréag é": is iongtach an rud é ach gan puinn deallraimh air. Sé an scéal is meirg air aca é: sean-scéal go bhfuil na daoine bodhar aige. Is fearr bheith gan aon scéal 'ná droich-scéal: is fearr gan aon tsaghas nuadhachta nó tuairisce 'ná droch-aithris. Níl aon ghnóth ag fear gan aon scéal in aon áit .i. duine ná bíonn cainnteach nó gan eachtra. Gach éinne ag cainnt ar a dhuine féin scéal an chait a phuisín .i. is é is measa dho. Choidhche ná hadhair do scéal éitigh: ná claoidhe leis: ná bíodh aon bhaint agat leis. Chun scéal gearra do dhéanamh de, is gan an lá ar fad do chaitheamh leis tá an ceart ar fad ag an Riaghaltas a iarraidh agus a chur iachall ar fheirmeóiridhibh biadh do shaothrughadh lé linn an éigin seo: chun gan dul chun sean-bhróg air. "Tá gach aon deallramh air ná fuil, go ndéanfaidh cogadh fada dhe" – "ní dóchaighe scéal de" .i. tá gach aon ghaol aige leis. Tuinncéirín cainnteach, suainseánach go mbíonn gach aon scéal ar bharr a theangan aige: ag breith gach aon eachtra leis: is go néann taithighe is béas de. Táthaoi go léir ag cainnt anois ar cad dhéanfadh sibh is ná déanfadh sibh, ach ní he sin an scéal, céagaibh a thiocfaidh liom-sa?: an tslighe dul ina threó: an rud a mheádas. Cé chreidfeadh go ndéanfadh sé labhairt chómh dána is dhein, duine nár síleadh aon mheisneach do bheith aige, is cuma cad é an

scéal é: is suaithinseach an rud é. Fuair sé gach aon rud a loirgeóchadh mian duine agus ceapadh go mbeadh, pé'n scéal é ní raibh: mar sin féin: dá aindeóin sin. Fágtar an scéal mar tá sé anois, luightear cos air: leigtear don gcúrsa mar tá sé. Fág an scéal mar sin aige: leig do a shlighe féin do bheith aige: ná tagtar treasna air. Ar aon scéal ní éisteóchadh sé liom, is cuma cá geallamhaint do thabharfainn do: aon chunntas. "Eachtra an droichscéil i bhfad uainn", deirtear nuair bítear ag trácht ar chinneamhaint nó uathbhás éigin. "Is ort a théigheann scéal" deirtear lé duine a thagas ó bhaile mhór, ó thaisteal fada nó ar cuaird .i. is agat is dóchaighe eachtra do bheith is ní misde dhuit a hinnsint. Trí gach aon scéal, agus is iomdha cruadhtan do rug air níor ghearán sé riamh: d'aindeóin na n-ócaididhibh inar ghaibh tríotha. Camadán scéil atá agat ná creidfeadh éinne ach thu féin: eachtra ná fuil aon chrot uirthi. Dáltha an scéal dá bhfanadh sé mar a raibh aige ní chuirfeadh éinne chuige ná uaidh: maidir leis sin de. Nuair iarradh air rud éigin do thabhairt ar son carthanachta, thairng sé scéal tharais chuige gur drochshaoghal é is a dhóthain cúraim ar gach éinne: malairt cúrsa chun an ruda do sheachaint. Scéal tharais do Shiorsail a rádh dá mbeadh sé gan fios do bheith san Afraic Thuaidh aige go mbeidís san Domhan Thoir aige chun Malae do chosaint cé go dtaidhbhsigheann an chainnt slachtmhar níl innte ach muirearaighe an screasa a thárlaidh d'fholach is do sheachaint. Cuir i gcás gur bh'é do scéal féin, ní fheadar ar mhaith leat éinne bheith ag fáscadh thar ceart ort: go mbeifeá ar an aiste nó sa draip chéadna. Innis scéal dúinn, a Pheig: aithris as do bhéal eachtra ag trácht ar dhaoinibh, a ngíomhartha, a n-imtheachta is an chrích a bhíos air go léir. Brostuigh, tabhair cheithre cnámha an scéil dom, is tuigfead féin an chuid eile: gearr-chunntas soiléir, iomlán. Tá sé mar scéal ortha mar cuireadh mar scéal ortha é: dubhradh i neamhfhírinne. Is beag agus is lán-bheag an scéal na daoine bheith fé chuing aca nuair leigeadar do lucht an airgid neartughadh ró-mhór ós a gcionn: ní haon truagh iad. Is mór an scéal é seo againn, saighdiúiridhe Úncail Sam bheith tagaithe go Tuaisceart Éireann: rud a chorruigheas na daoine: trom tábhachtach. Caith uait rudaidhe gáirseamhla mar iad san, tairng scéal éigin eile chughat: déin tagairt do rud níos taithneamhaighe. Imthigh anois is tá scéal agat: rud éigin ná fuilir ró-bhuidheach díot féin ina thaobh. Fágfaidh an cogadh so scéal lé n-aithris ges na daoinibh: déanfaidh sé goilleamhaint an oiread san ortha go mbeid ag trácht air. Fuar-scéal agat, cé is dóigh leat a éisteóchadh leat? .i. ceann ná faightear aon tsuim ná sásamh ann. Cuir uait do chuid sean-scéalta, tairng rud éigin chughainn mar gheall ar an lá indiu: trácht ar imtheachtaibh i bhfad siar. "Nár chloiseam choidhche aon droich-scéal uait": lé duine go mbíonn tuairisc nó nuadhacht mhaith aige. Go dtugaidh Dia deighscéal díbh: pé rud atá bhur mbuaidhreamh go bhfuasclaidh Dia uaidh sibh. Thabharfá do shaoghal ag éisteacht leis, fear mór réimscéalta é: eachtraidhthe go mbíonn éachta is imtheachta móra ionta. Nách éachtach an scéal ná fanfá socair: nách ait an bheart í. Dar fiadh, dá olcas crot orm féin is ar m'fhearas tabharfad fé ach go háirighthe, is é dícheall an scéil meath: ní fhéadfaidh ach dul im choinnibh. Is meathta an scéal ag daoinibh é tímcheall té is tobac: táid ar dhroch-aiste. Is é donacht is deacracht an scéil an t-airgead a íocfadh as an dtáille seo ar fad é do bheith greamuighthe sa bhannc orm: an rud a mhéaduigheas ar m'anacair. Nuair chidhtear duine ag dúmas nó ag tnúth lé rud d'fhagháil, agus é ag leigeant air go mbíonn ag déanamh ádhbhar éigin chuige, deirtear, "níl aige ach leathscéal chun míne" .i. súmadóireacht go bhfuil ghá thuilleamh. "Mo leanbh mo leathscéal": deirtear nuair tugtar leathscéal bacach in aon rud .i. eadhon budh dheacair milleán do chur ar mháthair tosach ó chinneamhaint do thabhairt dá leanbh: droich-iarracht ar thu féin do shaoradh ó mhilleán: míniughadh ar iomchar

dhuine. Leig do, béarfaidh san snáithe an scéil fós leis, tá an-cheann air: cuirfidh sé lé chéile ina sraith na himtheachta go léir. Scéal gan bun atá agat, ní éisteóchaidh éinne leat: cúrsa gan crot. Tar éis na gleóthála go léir is na dlighe is na connstrabhála, scéal gan réidhteach atá aca: mar bhí: nách féidir do shocrughadh. Tair i leith chugham tá árd-scéal agam duit: ceann tábhachtach: a chuirfidh ag gáiridhe thu, etc. Creid mise leis, agus creid béal na fírinne leis, go bhfuil scéal fuar agat bheith ag lorg fiach air sin atá chómh dealbh lé bolg an bhóthair ó airgead nó foillse: in aistear do bheart. Caithfead éirghe as, tá an scéal dulta sa mhuileann (eagar) orm: dulta amudha: in aimhréidhe. An té a thabharfadh scéal chughat bhéarfadh dhá scéal uait: an duine a bheadh ag cur síos duit ar chách seachain thu féin air ar eagla go mbeadh a dhá oiread cur síos aige ort leo. Bíonn an chéad scéal go maith go mbeireann an dara scéal air .i. ó bhíonn dhá innsint ar gach teangmháil taidhbhsigheann an chéad aithris slachtmhar go n-innstear an taobh eile. I scéal na hÉireann cuireann sé bród orainn go bhfuil éachta is imtheachta iongtacha lé n-aithris ar ár sinsear: stair: gníomhartha is teangmhála i réim daoine. Río-scéal atá ar an ndomhnach, éistidh: árd-scéal: scéal go gcuirfear suim ann is gur fiú éisteacht leis. Ní éisteóchadh lem scéal-sa .i. ní cuirtear aon nath in aonnidh a bhíos dhá rádh agam. An mbeadh aon scéilín agat dúinn?: a bheag nó a mhór d'eachtra. An scéal is fearr a thaithneóchadh liom id thaobh, creid me, go gcuirfeá crích ort féin: an rud id thaobh-sa. Is é an scéal séimh duit do bheith scartha leis an ndream clamprach san: is é do mhór-bhail é. Is breágh an scéal do rug Dia ar láimh air is gur árduigh leis é: is mór agus fearr dho bheith marbh ná bheith ag folg ar an saoghal etc. Má's fearr leat-sa gan bac liom-sa, ní fearr liom-sa scéal de: táim río-shásta. An scéal budh mheasa leat ar domhan ní fheadraís ná gur chun lár do leasa é: an cúrsa is mó a ghoillfeadh ort is nár mhaith leat a bheith mar sin, etc. "Táim marbh le tinneas droma" – "an scéal céadna annso": mar sin dómh-sa leis. Dá mbeadh duine ag innsint ruda dhuit ná béarfadh i gceart leis nó rud a thárlaidh air lé faillighe nó mar sin, déarfá, nár fheiceamair choidhche thu ach scéal ait agat". An do-scéal choidhche aige, ní déarfaidh sé "seadh" go bráth lé rud: cainnt neamh-thaithneamhach.

scéal-: *i gcfbh.* lé tuairisc, tásc, eachtra etc. Ní cuideachta in aon tigh é, tá sé ró-scéal-bheartach: béalscaoilteach ar rudaidhibh a chidheann sé is a chloiseann sé. Duine scéal-réidhteach é, ná tabhair do rún do: tugtha do bheith ag aithris nách ceart do.

scéala: *f.4.* tuairisc, nuadhacht, teachtaireacht. Cuireadh scéala cleamhnais chughainn uatha, an dtógfaimís a mac dár n-inghin mar cliamhain isteach (scéala cleamhnais): teachtaireacht lé stócach. Béarfaidh an aimsir scéala: tar éis a bheidh fios ceart againn ar cad thárlóchaidh. Cuir scéala chugham má bhíonn mo chabhair ag teastáil uait: teachtaireacht béil nó scríobhtha. Ní heól dúinn cá mhéid aca a tháinig saor, táimíd ag feitheamh lé scéal: lé focal a inneósadh dúinn connus mar tá. Beir scéala chúcha gan aon eagla do bheith ortha go bhfuilimíd ar a dtaobh: abair an méid sin leó uainn. Tháinig scéala a bháis gan aon choinne: fios, tuairisc go raibh sé marbh. Tháinig aingeal an Tighearna lé scéala chun Muire, agus chómhnuigh Sé in ár measc: teachtaireacht: tuairisc béil.

scéalach: *a.* nuadhacht nó scéalta do bheith lé n-aithris ag, leagtha lé suainseán. An té a bhíos siubhalach bíonn sé scéalach: bíonn eachtraidhthe lé n-aithris aige. Dá mbeinn leath

chómh scéalach leat bheadh náire orm dul ameasc daoine: tugtha do bheith ag lorg 'sag leathadh cainnteanna ar dhaoinibh. Chuirfeadh sé thu bheith ag éisteacht leis, tá sé ró-fhad-scéalach ar fad .i. go gcaitheann sé seal mór ag aithris ruda. Ná bí chómh righin-scéalach, scaoil chughainn an rud atá ar aigne agat: mall ag eachtruighe. Tá sé amuigh ó mhaidean indiu agus daoine ag braith go himshníomhach air, teachtaire mall-scéalach seadh é: duine ná fuil tapaidh chun feasa do bhreith leis. Creidim-se go maith gur duine ceart-scéalach é: gur aige atá an cunntas fíor, cruinn. Níl aon rud againn is mear-scéalaighe 'ná an guthadán nó an craolachán: is túisce a thugas fios nó cunntas. Go bráthach airís ní chuirfinn in aon áit thú, is tu an teachtaire is tur-scéalaighe a oscail a bhéal: blas, dath ná deallramh ní bhfaghadh éinne ar faic as do bhéal. Duine breágh, bog, sochma so-scéalach .i. gur furaiste an chainnt d'fhagháil uaidh. Tusa a léigheas na páipéir, budh scéalaighe, budh chóra: is mó go mbeadh tuairiscidhe aige is nuadhacht.

scéalaidhe: *f.4.* duine a innseas scéal, go mbíonn tuairiscidhe aige; aithriseóir, seanchaidhe. Is maith an scéalaidhe an aimsir .i. lé n-a himtheacht gheibhtear amach fírinne gach cúrsa. "Tá clann óg ó airéir aca!" – "dar fiadh, slán an scéalaidhe!": go mairidh sé. "Sé dubhairt sé go raibh súil aige go dtiocfadh a thuilleadh sluaighte isteach" – "nára slán an scéalaidhe!": an té adubhairt. Deirtear lé duine go mbíonn sean-bhlas air i dtaobh scéil, "slán an scéalaidhe, is go n-éalughadh a chac uaidh!" .i. rud a shághfadh ina cheap magaidhe gan coimeád ar aonnidh aige níos mó ná tá aige ar a theangain. "An Scéalaidhe Gaedhealach": ainm leabhair. Ar an saoghal mór ní bheinn im scéalaidhe ort .i. ag innsint rud id thaobh ná beadh ró-thaithneamhach. Féach féin anois ná raibh éinne eile ar an gcómhluadar a bhí ina scéalaidhe ar cad a thárlaidh eatartha ach é: "dubhairt sé dábhairt sé", duine. Scéalaidhthe cearta ar an aimsir éanlaithe ag an té go mbeadh eólas ar a nósaibh aige: fáistnidhthe.

scéalaidheacht: *b.3.* aithriseóireacht, tuarasgabháil, eachtraidheacht, staraidheacht. Is é fear na scéalaidheachta é, chaithfeadh sé an oidhche ag cur síos duit ar cár ghaibh sé is cad a thuit amach do: eachtraidheacht. Tá an scéalaidheacht imthighthe as an áit ó cailleadh na seandaoine, sin iad go raibh na scéalta breághtha fiannaidheachta aca. Bíonn gach éinne ag scéalaidheacht ar an té a thugas lé rádh dhóibh é: ag cur síos air: ag eachtraighe air. Ní fearr liom scéalaidheacht atá aige 'ná bheith ag cur síos orm: rud lé n-aithris. Fuair sé a lia duais ar scéalaidheacht as fheiseannaibh, lé n-a fheabhas: as innsint eachtraidhthe ar dhaoinibh, a ngníomhartha is a n-imtheachta. Ná bí ag scéalaidheacht ar neach, rud gránda, suarach seadh é: ag cúl-chainnt. Ná déin aon droich-scéalaidheacht orm ach go háirighthe: aon chur síos goirtightheach: aon rud a chuirfeadh droichmheas orm. Ag scéalaidheacht éithigh atá sé riamh ar dhaoinibh: tromaidheacht.

scealb: *b.2.* scolb, sciathán, blodh. D'imthigh an charraig ina scealbaibh nuair phléasc sí: ina sciathánaibh, blodhtachaibh. Oiread agus scealb ní fhéadfainn do bhaint den gcloich dá mbrisinn mo chroidhe léi: blúire beag. Tar éis a shaoghail níl oiread agus scealb aige .i. rian: pinginn. Bhuail an bád pléasc ar an gcarraig agus deineadh scealbacha dhi: blodhtacha scuilb. Oiread agus scealb ní fhágfadh an sutha san ar bhórd an bhídh agat: snapfadh sé gach aon ghiota leis.

scealbaire: *f.4.* snapadóir, sutha. Dhéanfadh sé scealbaire dhe féin i láthair an phápa thabharfadh sé náire dho féin ag alpadh bídh. Teich ós na scealbairidhibh sin, ní fhágfaidís luid agat: suthaidhe chun bídh.

scealbaireacht: *b.3.* snapadh bídh, ag alpadh gach giota is brúscar. Tá na prátaidhe gan mhaith ges na mucaibh ó bheith ag scealbaireacht ortha: ag baint sciolpaidhe dhíobh: ag déanamh sceanfairte ortha. Cuir uait an scealbaireacht ach ith mar dhéanfadh aon chríostaidhe: ag tabhairt fogha fén mbiadh annso is annsúd fé.

scealbóg: *b.2.* scolb, sleamhanc, slisneóg, blodh, sciathán. T'r'om aon scealbóg amháin tobac, tá gabhair orm chuige: sciathán: billeóg. Ith scealbóg aráin leis an dté, cé ná fuil puinn de ann: slisneóg. Tá feóil ina scealbógaibh air: sleamhancanna troma. "An bhfuil aon rian aráin fé iadhadh an tighe?" – "oiread agus scealbóg": blúire beag. Ní féidir an chloch do chur i bhfalla ná i gclaidhe anois, dheinis scealbóga dhi leis an órd: blodhtacha. Ag fonmhóid fé shaor, deirtear, "má's olc é an saor is maith í an scealbóg" .i. deineann sé blodhtacha des na clochaibh.

scealp: *b.2.* scolb, sciathán, "billeóg", sleamhanc, sciolla, leicín, faill, réidhteach. Is aige atá an scealp bhreágh thalmhan, faid do radhairce síos idir tu is farraige: réidhteach. Clocha gan mhaith chun tógála iad, imthighid ina scealpachaibh: ina scolbaibh. Cuir scealpacha fén gcloich sin agus déin leabaidh cheart dhi go luighfidh sí i gceart: scollaidhe. Níl scealp im spaga: pinginn.

scealpach: *a.* scolbach, rocach, riastach. Cuir an plána ar an adhmad san, tá sé an-scealpach: scoilb de ag éirghe. Ní furaiste in ao'chor siubhal ar na carraigeachaibh seo, táid scealpach: lán de mhéisciridhibh: an-ghéar. Thuit an clog den bhfalla is deineadh scealpacha dhi: blodhtacha miona: mionbhruighin.

scealpadh: *f.* (*-ptha*) mion-bhriseadh, snapadh, ag déanamh sceanfairte. In ionad dhuit bheith ag ullamhughadh na cloiche, a shaoir, is amhlaidh atáir ghá scealpadh: ag baint blúiridheacha dhi is ghá lot. Ag scealpadh an tobac lé n-a sciain: gha ghearradh go hútamálta. Gach aon áit dá ngaibheann sé bheadh sé ag scealpadh leis dá bhfaghadh sé aonnidh ar bóiléagar: ag snapadh is ag bailiughadh chuige. An chuige do cheannuigheas tobac chun bheith ghá scealpadh chun gach éinne a loirgeas orm é: ghá ghearradh ina bhlúiridheachaibh.

scealpaim: (**sciolpaim**) *b.a.* mion-bhrisim, gearraim mion, fada, scoiltim, stracaim. Scealp leat, tóg a dteastuigheann uait: bain anuas ina bhlúiridhibh nó ina sciathánaibh é mar bhainfí sciatháin thobac leis an iongain. Bain de an scian nó scealpfaidh sé an fheóil gan mhaith: bainfidh sé stiallacha go neamhshlachtmhar di. Scealpfaidh na muca na prátaidhe mara gcuirtear uatha iad: déanfaidh sceanach ortha.

scealpóg: *b.2.* scolb, blodh, slisneóg, carnadh etc. Caith chun na muc na scealpóga prátaidhe sin: blúiridheacha mar bainfí lé sciain. Bhaineas scealpóg mhór dem mhéir leis an rásúir nuair bhíos ghom bhearradh is tá sí ag tabhairt fola go tiugh: blúire den gcroiceann is den bhfeóil. "Táir ag itheadh, a chara" – "táim ag baint scealpóige as":

blúire ar bhlúire. Ná bain aon scealpóg den mbullóig shlán san, tá arán briste cheana ann: slis lé sciain etc. D'imthigh scealpóg as thaobh an fhalla nuair bhuail an trucaill air: plannc. Seachain do shúile ar an gcloich sin, d'éireóchadh scealpóga go tapaidh dhi: scuilb.

scealpthach: *a.* claon lé himtheacht ina scolbaibh. Clocha scealpthacha is deacair a n-ullamhughadh lé ceap-órd: déineann smutarghail díobh go bog. Is baoghaltach go bhfuil rásúr scealpthach agat ar an sceanfairt atá déanta aice ar do chorrán: chómh garbh san as a béal go mbainfeadh manntaidhe amach.

scéaltóir: *f.3.* scéalaidhe, eachtruightheóir, suainseánaidhe. B'fhearr liom scéaltóir maith agus droich-scéal ná deigh-scéal agus droch-scéaltóir: aithriseóir. Scéaltóir maith seadh é, tá árd-leabhar scríobhtha aige: fear gur féidir leis trácht líomhtha, soiléir, iontuigse, iontsuime do scríobh, ar an adhbhar a bhíos aige. Scéaltóir gránda seadh é, bíonn sé ag faire is ag éisteacht d'fhéachaint an bhfaghadh sé aon rud lé breith leis: cúl-chainnteóir. Dá mbeadh aon rud ar siubhal ameasc na ndaoine idir seo agus Corcaigh, bheadh sé ag an scéaltóir úd: suainseánaidhe.

scéaltóireacht: *b.3.* scéalaidheacht, eachtraidheacht, aithris. Chaithfeadh sé an lá ag scéaltóireacht ar thaobh bóthair lé héinne a bhuailfeadh uime: ag cómhchainnt. Adhbhar maith ag an úghdar ach ná fuil scéaltóireacht ró-mhaith déanta aige air: léiriughadh agus tráchtas líomhtha. Bíonn sí ag scéaltóireacht ar a cómharsannaibh: ag cúlchainnt ortha.

scéalughadh: *f.* (*-uighthe*) ag aithris, ag eachtraighe. Chuir muinntir na bpáipéar lucht scéaluighthe go dtín ceanntar ach ní bhfuaireadar fáisnéis ar bith ar an rud go rabhadar ar a thóir: dream a bhí ag lorg nuadhachta. Is tapaidh agus is mear an tslighe scéaluighthe an guthadán: nuadhacht nó tuairisc do chur chun cinn. Ag scéalughadh cad atá ag tuiteam amach sa taobh so dá ndúthaigh féin i nganfhios, gnóth na spiairidhe: ag cur tuairisce fé thóin uatha air.

scéaluighim: *b.a.* aithrisim, innsim, eachtruighim, cuirim in iúil. Scéaluigh dúinn: eachtruigh: scaoil chughainn má tá scéal, nuadhacht ná tuairisc agat. Scéaluigheadh ar an gcraolachán indiu gur súncáladh dhá luing mhóra cogaidh: tugadh amach mar nuadhacht é. Níor scéaluigheadh go dtí trí mhí tar éis a súncála gur cailleadh í: níor scaoileadh amach é. Rugadh air ach ar chomha ná ar chleas ní scéalóchadh a ainm: ní innsfeadh.

scéaluighthe: *a.r.* innste, ainmnighthe, aithriste. Ar thuit amach riamh idir me féin agus iad tá sé scéaluighthe sa chunntas san agam: curtha síos. Gach aon rud a theastuigh uaidh d'fhagháil amach tá sé scéaluighthe agam do i leitir: aithriste. Nuair bhí fáth mo thurais scéaluighthe agam dóibh – ná géillfimís choidhche, thriallas uatha: innste go cruinn.

sceamh: *b.2.* uallfairt; glam fheargach; amhastarach, snap, greim, béal geárrtha (spealadh). "Is measa a sceamh ná a ghreim" .i. cé go bhfuil sé bagarthach níl sé buailteach .i. má tá sé ag amhastaraigh féin ní baoghal d'éinne é. Aon dearmhad a dhéanfainn loiscfeadh sé sceamh orm, budh dhóigh leat air go n-íosfadh lé n-a fhiacalaibh me: béic fheargach ag cur a mhíchéadfadh in iúil. Ná tabhair aon sceamh orm-sa mar ná

fuilngeóchainn uait é: glam fheargach. Tá deireadh aige ag cur aon sceimhe as .i. tá sé ciúnuighthe: sin a bhfuil ann anois. Chuireadar sceamh gháire asta fúm nuair shleamhnuigheas ar na leacachaibh is tógadh liom: gáir mhagaidh. Tabhair aire dod sceimh féin is ná bac dom-sa: an rud atá rómhat amach: t'ucht bainte. Cogadh mar mhagadh dar lé daoinibh dob eadh é seo ar dtúis, ach anois tá gach aon sceamh aige ar fuaid an domhain: béic: gleódh an chatha ann. Cathain a chuirfir aon sceamh asat? an ngeóbhaidh aon chárta choidhche chughat?: cathain dhéanfair aonnidh a chuirfidh in iúil go bhfuilir id bheathaidh? Bhraith an madra an bitheamhnach san iothlainn, is leig sé sceamh: an lór bagarthach nó fógarthach is nádúrtha agus is dual do mhadra do dhéanamh. Is deacair dom mo mheabhair do chongbháil eatartha, sceamh thoir is sceamh thiar orm: glaodhach feargach nó míchéadfadh ag gach nduine orm mar osclann siad a mbéal. Níl puinn clóidh ag teacht ar an aimsir, tá sceamh thuaidh fós aige: tá sé goirgeach as an áird sin. Níor ghábhadh dhuit ach sceamh do dhéanamh air nuair chrithfeadh sé, tá sé chómh lagpháiseach san: béic bheag do leigeant. Cad tá ort? níl scread ná sceamh asat: aon ghlór in ao'chor. Nuair dheineann an maistír sceamh sceamhann gach corr-mhadra ina fhochair .i. leanann gach meathtach an buailimsciath. Níl ionat ach sceamh ar nós an mhadra: d'iarraidh eagla do chur amach. Bain do sceamh féin is ná bac dom-sa: déin an rud atá rómhat.

sceamhach: *a.* amhastarach, bagarthach, snapach, goirgeach ar muir is ins an aer. Aimsir sceamhach nár mhór duit culathairt mhaith í seo: gaothmhar, seacamhail, ghoirgeach. Farraige ró-sceamhach anois ann chun éinne do dhul uirthi, cé ná fuil sí conntabharthach tá sé neamh-shubháilceach a bheith uirthi. Tá ruibe sceamhach go maith anoir dtuaidh indiu air: gaoth fhuar, fheannaideach ann. Sceamhach glas a dhóthain atá sé d'aon fhear bán: garbh, feannaideach. Braithfear ag teacht sinn, cinnte, tá madra an-sceamhach aca, is chómh luath is chloisfidh ár nglór déanfaidh glam: screadach. Ná bí sceamhach leis an bhfear mbocht, tá sé ar a dhícheall má néann sé dearmhad féin: ag tabhairt béil do. Is deacair dom aigne shuaimhneasach do bheith agam is a sceamhach féin ag gach éinne orm: béic milleáin, míchéadfadh, míoshásaimh.

sceamhacháil: *b.3.* do scughadh go haindeis, do chneádhadh, do chreimeadh, do sceanfairt. An sceamhacháil a deintear ar bhiadh sa tigh sin, is mór an náire é: an laitiméireacht: sceanfairt: droich-chrích trí neamh-chúram. Na madraidhe ag sceamhacháil ar bhun an dorais gur bhaineadar mannta as: ag creimeadh: ghá sciolpadh lé n-a bhfiacalaibh. Féach an sceamhacháil atá déanta ar an ngeainnc bhreágh fheóla ag an gcat, cé íosfadh ina dhiaidh anois í?: greamaidheacha laititheacha bainte aiste. Cuireann an sceamhacháil atá déanta aige ar an gclár leis an meilit thuaighe ó chrích é: an smiotarghail atá bainte dhe go haindeis. Sin lochán agat! – sceamhacháil na bhfranncach: creimeadh: gan fágtha den arbhar ach mionrabh. Ná bí ag sceamhacháil ar an arán, faigh scian go mbeidh faobhar uirthi: ná déin útamáil ghearrtha ar an arán.

sceamhachálaim: *b.a.* creimim, cneádhaim, sciolpaim, bainim greamadghail as. Bheadh sé ag gabháil de anois go sceamhachálfadh sé a bhfuil den mbullóig: go mbainfeadh sé sciolpa ar sciolpa dhi. Sceamhacháil leat an blúire feóla san is lait é: cneádhaidh leat é. Do sceamhacháil na franncaigh poll mór san úrlár cois an fhalla, nách aca atá an chairb chruaidh: chreimeadar: dheineadar é ina mhannta is ina mhannta. Mara seachnair thu féin

ar an rásúir mhanntach san sceamhachálfair do chorrán léi: bainfir sciolpaidhe amach as. An diabhal féin lé fuaire indiu air, sceamhachálfadh sé thríot: ghearrfadh. Droch-bhainteóir piantach a sceamhachálfadh a bhfuil de phrátaidhibh sa ghort: ghearrfadh lé béal na ráinne iad.

sceamhachálta: *a.r.* creimthe, cneáidhte, sciolpuighthe, greamatghail bainte as. An blúire adhmaid sin go bhfaighfí cúram éigin de, tá sé sceamhachálta lét sciain anois agat, laitithe ar fad: sciolpaidhe bainte dhe. Is maith luath sa dubhluachar atá an iothla sceamhachálta, ní fuláir nó bhí tarrac mór uirthi: ithte isteach innte. Tháinig aicíd ar an ubhallúird go bhfuil a toradh go léir sceamhachálta: ithte ag péist.

sceamhachán: *f.1.* fuighleach tar éis gearrtha, nó creimthe ag franncach nó luich; sciolparnach adhmaid tar éis a bhriste a gheárrtha, nó a phlánáil. Caith chuige sceamhachán an dinnéir, mós maith dho atá sé: fuighleach prátaidhe, aráin, feóla, éisc etc. Bailigh an sceamhachán san, déanfaidh sé an teine d'adughadh: an bearradh a bainfí d'adhmad, ghá ullmhughadh chun áise éigin. Tháinig truagh ag an mbrothaire dho is thug an sceamhachán feóla a bhí ann do: blúiridhe fuighligh.

sceamhachóir: *f.3.* práta meathta nó díoghbhálach, an sceach gheal; sprionnlaitheóir, bearrachán. Ní mór chun síl ina measc, sceamhachóiridhe an chuid is mó díobh: meathlóiridhe gan mhaith. Bliadhan na sceachóiridhe bliadhain shona. Sceamhachóir ná tabharfadh lámh leat dá dtógadh sé ón mbás tu é sin: sprionnlóir. Ná bí ag caitheamh t'aimsire ag éisteacht leis an sceamhachóir sin, tá gob chun aighnis air: duine a bhíos ag fagháil locht ar gach éinne is aonnidh ar scáth dealbhais. Sceamhachóir ubhaill: ceainnín beag, meathaluighthe.

sceamhadh: *f.* (*-mhtha*) uallfartach, bearradh, cáinseamh. Chloisfeá ón bhfarraige uait isteach ar an dtalamh ist oidhche an sionnach ag sceamhadh go dtaidhbhseófaí dhuit gur mhadra bheadh ann: ag éigheamh. D'aithnigheas ar sceamhadh an mhadra gur duine a bhí aige: ar an nglór bagarthach (feargach) a rinne sé lé n-a bhéal. Ag sceamhadh ar nós an mhadra orm ó scur leigeant an lae, is cuma cad dhéanfainn: ag uallfartaigh go mí-chéadfadh, gomhamhail. Nuair labhrair liom ná bí ag sceamhadh orm liom mar bheadh madra ar tí beartha orm. Tor mór ar do sceamhadh agam: ní leigim orm go gcloisim thu.

sceamhaim: *b.a. 7 n-a.* tafangaim (madra), liúghaim, scairtim, uallfartuighim, uaillim, easmalaim. Sceamhann an sionnach díreach ar nós an mhadra ach go caol: deineann sé an glór céadna mar dhéanfadh madra i ndiaidh ainmhidhthe. Sceamh leat, ní fearr linn díomhaoin thu: bí ag tabhairt béil is tarcuisne uait. An sceamhann an madra san?: an léigeann sé béic fheargach, nó bhagarthach. Sceamhann sé, ach ní bheireann sé, madra macánta é: glanann ach ní luighfeadh a fhiacla ar dhuine. "Sceamhfaidh gunnaidhe móra go tiugh san earrach", arsa Hitlear san Rúis: rúscfaid, déanfaid glór diabhalta nuair beifear ag caitheamh leó. "Má sceamhair airís orm", arsa an t-oibridhe leis an saoiste, "caithfead m'úirlisidhe is fágfad, táim liath agat ghom ghriogadh": má bhéicir lé lochtughadh. Mar sceamhann gaoth is farraige adtuaidh orm: mar bhíd ag fuarmáil ar nós madra goimh. Má sceamhann tu air sceamhfaidh ort, agus cloisfir béal: má thugair achmhusán do: ullfairt air.

sceamhghail: *b.3.* uallfartach, amhastarach, uaill, béiceach gharg, glór gránda, garg. A bhfuil de mhadraidhibh ar an mbaile ag sceamhghail orm: ag tafant orm is ghom leanamhaint. Léigheas ar pháipéar uair mar gheall ar amhailt mhara a cualthas i Loch Nis ag sceamhghail mar madra: leis an nglór céadna a dhéanfadh madra ar thóir. Ó Luan go Satharn ní staonaid de sceamhghail ar a chéile, agus is clamprach an saoghal a chaithid: ag itheadh is ag bearradh. Táid chómh mór lé chéile airís is bheadh bó is coca féir, tar éis na sceamhghala go léir: an achrainn is an íde béil. Ná cuir an madra ag sceamhghail nó scannróchaidh sé na caoire: ag amhastaraigh. Ní lé sceamhghail in ao'chor a déintear obair: lé cainnt bhorb.

sceamh-gheithneach: *a.* amhastarach, uallfartach, snapach, scréachach. Dhéanfainn i bhfad níos túisce is níos fearr é seo is gan bheith chómh sceamh-gheithneach ag cur do bhéice thar parróiste: ag fógairt 'sag bagairt. Bí mín leis an té a labhras leat, is ná bí sceamh-gheithneach, ná leigfeá focal as bhéal éinne: snapach: ag cur cainnte siar ar dhaoinibh gan chúis trí bharr do-thuigseana.

sceamhlach: *b.2.* uallfartach, béiceach, screadach, gíoscarnach, míoscarnach, miamhlach, meamhalach. Níor stad sceamhlach an leinbh sin ó mhaidean indiu, nách é an béiceachán é: ag gol agus ag glórghail mar bheadh gearáin cait. Is fada ó bhaile cloisfear do sceamhlach má bhuailim-se barra méire ort: t'olagón lé goirtightheacht. An sceamhlach chéadna na bochtanachta agat go deo deo: ag gearán 'sag ceisneamh ós árd. Cuir uait an sceamhlach, ní chuireann daon annso suim id chuid gothaidhe móra: béiceach mhaoidhte.

sceamhlachán: *f.1.* duine, madra nó cat a bheadh ag cur as; uallfartach, cráidhteachán leinbh; ráistéar madra, cat meamhlach. Níor éistigheas riamh lé sceamhlachán, is ní éisteóchad go deo, ní lugha linn an sughadh 'ná an te a bhíos ag cnáimhseán: duine a bhíos ag béicigh ar gach aon chor gan puinn cúise. Leigfinn don sceamhlachán leinbh sin an deóir dhéidheannach do shileadh sara sásóchainn é lé n-a luascadh: béiceachán: leanbh mío-shásta: pusaire guil. An trughnairt chait sin, sé a bhfuil de mhaith ann go bhfuil sé ina sceamhlachán, ag meabhlaigh gan tóir ar luich ná ar fhranncach aige: béiceachán meathluighthe cait. Riamh níor thárlaidh a mhalairt duit ach bheith id sceamhlachán mheathta aon uair go mbéarfadh broid nó gábhadh ort: ag béicgheal ghuil lé faitchíos.

sceamhóg: *b.2.* screamh bheag éadtrom, "sciathán", sleamhanc thanaidhe, scimeal. Sceamhóg uachtair ag teacht ar an mbainne: barra tanaidhe. Ná téighir doimhin ar an ím, níl puinn de ann, cuir anáirde sceamhóg de, sin uile: cuimilt beag éadtrom. Gearraidh sceamhóg aráin dom ó tá an scian id láimh: slisneóg. Sceamhóga feóla go bhfeicfeá tríotha: stiallacha tanaidhe.

sceamhthach: *a.* amhastarach, goirgeach, borb. Ní hé an madra sceamhthach is masluighthe go minic: an madra bagarthach. Lá sceamhthach anoir dtuaidh nár mhór do dhuine fothain mhaith éadaigh: feannaideach, fuair-nimhneach. Bíonn sé an-sceamhthach nuair bhíonn sé ag tabhairt óráide uaidh, bíonn fuinneamh is binb ina ghlór: bagarthach, béaltréan, borb.

sceamhthóir: *f.3.* duine bagarthach, ráistéar; drannaire. Ní dual do choin folaidheachta do bheith ina sceamhthóir: bheith ag sceamhghail nó ag uallfartaigh sa tóir di. Is fada ó bheith ina chainnteóir mhaith é, níl ann ach sceamhthóir: ag béicigh is ag bagairt, ag aighneas do. Ná fiafruigh faic den sceamhthóir sin, d'íosfadh sé an ceann díot: drannaire ná beadh min-chainnteach.

scéan: *f.1.* eagla, uamhan, uathbhás, scáird (seasamh) i súilibh; éacht; cuid mhór; dúil; guilm. An-shuaidhte atá lucht airgid an aimsir seo toisc an chogaidh, tá scéan ortha go gcaillfidh siad é má théigheann an ball ar Shean-Shasana: eagla a anama. Chuir anaithe is anródh na hoidhche uathbhásaighe úd scéan ina chroidhe ná fágfaidh choidhche é: uamhan is sceimhle. Ná bíodh aon scéan ort roim an ndochtúir má chuireann sé pian féin ort, ní fada é: aon sceimhle go ndéanfadh sé díth dhuit. Bíonn truagh agam dod leithéid go mbíonn scéan chun an tsaoghail air: guilm: dúil. "Tá ainm an airgid air" – "tá, tá an scéan aige dhe leis": an t-éacht: an t-aimeón. An scéan talmhan, ainmhidhthe, oibre, etc., etc.: iongadh. Nár imthighidh an scéan de chun an tsaoghail, bídh, oibre, etc.: fonn sainnteamhail. Rith sé chughainn isteach, is scéan ina shúilibh, b'ait linn cad í an anamhóin a bhí air: scáird: féachaint eaglach. Ná bíodh aon scéan ort roimis, a bhéal an chuid is antréine dhe: ná crith roimis, ní comhall ar a bhagairt é. Budh mhór an scéan an aicíd úd, ar cailleadh léi gan aon dul amach uirthi: iongadh agus uamhan. Tá scéan agat orm léd scéal: táim scannruighthe agat. An chun scéin do chur ar an leanbh ataoi ag cainnt ar phúcaidhibh: eagla. D'imthigh sé fé scéan is níor fhill ó shoin: scannruighthe ina bheathaidh. Mo scéan é .i. aon eagla ní chuireann orm.

sceanach: *a.* ag baint lé sciain; faobhrach. Is é an bórd sceanach é, an chun feóla iad?: lán de sceanaibh. Tá do shuiséal sceanach go maith ar an slighe ghearrann sé: faobhrach.

sceanach: *f.1.* fuighleach, feannadh, tuargaint, scrios. "brus". Caith an sceanach san is gráinne mine air chun na muc .i. fuighleach i ndiaidh béile. "An bhfuil cuid mhaith déanta lé seachtmhain ges na fearaibh?" – "tá, sceanach": "brus": éacht oibre. Is áidhbhéil an sceanach atá déanta ag na báid fé thuinn ar thráchtáil, ar a bhfuil curtha ar thóin puill aca: léirscrios. Dhein an dá arm sceanach ar a chéile sar ar cuireadh crích ar an gcath, fir ag tuiteam ann ar nós na gcorra-mhíol: ár trom. Cainnteóir árd-ghlic, árd-chliste in argóint é, seachain nó déanfaidh sé sceanach ort i gcros-cheistiúchán: cuirfidh sé mearbhall ort agus déanfaidh feile-chaoch dhíot go mbeir ar a thoil aige. Dheineadar sceanach ar a chéile sa chainnt, thairngeadar an tuile thar n-a chéile: d'ionnsaigheadar is bhearradar a chéile go heasmailteach. Duine, ainmhidhe nó aon rud go mbíonn fuadar árd fé deirtear, "déanfaidh so sceanach": "brus", toirmeasc, clampar cuirp. Cá bhfuil an tír go mbíonn cogadh innte ná go néann sé sceanach uirthi: lat is scrios: díoghbháil mhór is cur-chun deiridh. Féach an mbeadh aon sceanach tobac ar thóin do phóca do chuirfinn 'on phíp seo: scríobáil, brúscar, "sciatháin" bheaga. Mar ar thug na suthaidhe úd, mar deirir, a dhuine, sceanach don mbiadh iarr orm-sa é: creid mise leis gur thugadar alpadh air. Tolladh sceanach na hincheann aige: an scannán lag a chlúduigheas í. Dá gcloisfeá é ag déanamh sceanaigh i dtaobh an chogaidh: gleódh is clampar.

sceanadh: *f.* (*-ntha*) troid chloidheamh, scian, etc.; ag gearradh lé sciain; dianbhaint faobhair glioscarnach. D'fhóbair dóibh a chéile do sceanadh mara mbeadh a luaithe

cosnuigheadh iad: do sháthadh lé sceanaibh. An té a bhí ag féachaint ar bhrothaire ag gearradh feóla, is é adubhairt go dúlmhar, "is sóghail an sceanadh é": is maith bríoghmhar na stéigeacha atá dhá ghearradh. Ar phrap na súl, gan a thuilleadh seo-seó-sin, bhíodar i gcochall 'sag sceanadh a chéile: ag ionnsaidhe a chéile lé sceanaibh. Oidhche bhreágh, chruaidh, thirim go raibh liathróid sheaca ann agus na réilthínidhe ar sceanadh ghluaiseas ar mo thriall fada im uath agus im aonar: ag glioscarnaigh: solas drithlinneach aca. Ní mór an iontaoibh anois é ná go n-éireóchadh air, tá na súile ar sceanadh istigh ina cheann .i. tá gléas ionta: tá an radharc ag rinnce ionta.

scéanadh: *f.* (*-ntha*) do scannrughadh, do ghlacadh eagla. Ná bí d'iarraidh mise do scéanadh lét scéaltaibh púcaidhe, chodlóchainn ar an uaigh duit: d'iarraidh eagla do chur orm. Ag scéanadh na ndaoine lé n-a scailéithean is a mhalluightheacht go bhfuiltear ar crith ina gcroiceann roimis: ag cur eagla ortha. Tagann scéanadh ar an gcapall roim glór innill: sceimhle, is sceiteann sé. Uain scéanta b'eadh agam í idir dhá theine is gan puinn clúdaigh ó philéaraibh an dá thaoibh agam: uain scannruightheach.

sceanáil: *b.3.* scian-sháthadh, marbhadh lé harm, feannadh; ár; coimheascar. Is uathbhásach ar fad an sceanáil atá tíortha dhá fhagháil ó chéile sa chogadh so – marbhadh ar muir, ar tír agus ins an aer: coimheascar. "Seadh", arsa fear an dóchais is na muinghine, "má thagann an cogadh orainn is ná bíonn aon ghlaodhach ar eallach, beidh sceanáil againn féin ortha": marbhadh is itheadh go flúirseach. Budh áidhbhéil an sceanáil ar mhaircréalaibh fiche míle d'ionnramháil in aon ló: gearradh is cóiriughadh. Thugais sceanáil ghránda ar an iasc (arán, etc.): ghearrais go breallach is go haindeis é. Cad é an diabhal atá it earball is bheith ag sceanáil ar an gcathaoir sin ghá lat: ag scughadh is ag snoighe uirthe go faostaomach. Nách náireach an sceanáil í sin tagadh ar an mbiadh agaibh: é laitithe ar an slighe a cuireadh chun a ghearrtha, a riartha nó a ithte. Ó ghiolc an ghealbhain indiu tá an feirmeóir ar dubh-thiomáint ag déanamh an fhóghmhair agus sceanáil mhaith oibre déanta aige: dlúthas (dlús) mór. Beidh tamall anois ann sara mbeidh sceanáil ar thobac againn mar bhíodh: tarrac air againn, agus sinn ghá ól dá réir. Mar tuigtear dom, níl puinn airgid anois aige, tá mórán sceanála tugtha aige dho: caitheamh mór gan puinn aire.

scéanaim: *b.a.* 7 *n-a.* (**scéanuighim**) sceimhlighim, scannruighim, uamhanuighim, cuirim iongadh ar. Scéanóchair an leanbh má bhír ag cur cumaidhe ort féin mar is dóigh leis go ndéanfair a dhíoghbháil: sceimhleóchair. Scéanuigh sé oidhche úd an uathbháis go raibh pléascáin ag teacht ina gcioth ón aer ar a thigh: sceimhligheadh ina bheatha é. Aon rud ní chuirfeadh eagla air is a rádh nár scéanuigh an tarbh buile úd é: nár chuir uamhan a chroidhe air. A bhfuil d'airgead dhá chaitheamh gem mhnaoi ar éadaighibh scéanóchadh sé thu: chuirfeadh sé alltacht ort. Scéanuigheann sí roim thóirnigh. Scéanóchadh sé dá bhfeicfeadh sé an méid sin airgid: chuirfeadh sé an oiread san alltachta air go n-éireóchadh a chroidhe air. Scéanuigheann caoire chun an fhéir ghlais san earrach: tagann an dúil mhairbh aca ann. Scéanóchadh an fharraige sin éinne: chuirfeadh eagla an bháis amach.

sceanaim: *b.a.* 7 *n-a.* ionnsaighim lé sciain, tugaim an scian air nó dhó, feannaim, gearraim, caithim. Scean sé a raibh ina spaga ar ólachán: chaith é go rabairneach,

neamhaireach é: thug sé gaoth dho. Scean na muca na teornapaidhe: bhaineadar manntaidhe asta. Sceanfaidh na caoire an geamhar mara gcosnófar ortha é: íosfaid is laitfid is pásálfaid. Sceanfadh duibheaca an lae indiu fear dubh: bhainfeadh an fuacht an croiceann de: leathfadh sé é. Ná sceanfadh an bheirt spealadóiridhe an t-éacht arbhair in aon ló: bhainfidís. As an olachán dóibh chromadar ar bhruighin is sceanadar a chéile: d'oibrigheadar an scian: sháthadar. Ní sceanann an t-inneall an t-aiteann go ró-mhaith, níl aon fhaobhar air: ní ghearrann sé.

sceanbh: *b.2.* scolb géar, aon rud go mbeadh barra caol, géar air; dealg, clipe, spíce. An fhaill árd, ghéar, seasamhach, sceanbhacha air a gheóbhadh thríot ar nós na rásúrach: bearra faobhramhla. D'imthigh an charraig ar phléascadh dhi ina sceanbhacha: ina scolbaibh géara. Ná siubhluigh ar na sceachaibh sin, sceanbhacha ar fad iad: dealga.

sceanbhaidhe: *a. n-dh.* géar, biorach, deilgneach, colgach, goirgeach. Aimsir fhuar, sceanbhaidhe nách mór go bhféadfá do cheann do sháthadh thar ursain: cruaidh, feannaideach. Dá áilne é an rós bíonn sí sceanbhaidhe: deilgneach. Tabhair aire na fola dhuit féin ar an sciain sceanbhaidhe sin, tá sí ar nós na nimhe: chómh tanaidhe géar as a béal lé rásúir nó barra chómh caol lé snáthaid uirthi.

sceanbh-lom: *a.* gan puinn deighchré, scealbhach. Cad fhásfadh i gcloigeann sceanbh-lom mar é sin ná fuil aoirde m'fhiacaile d'fhéar air: talamh lom gan ach sleagáin chloch i bhfurmhór a bhuinn.

sceanfairt: *b.2.* fuighleach, roithleach, sceanach, brus, scrios. Is deacair dos na mucaibh aon bhláthas do bheith ortha mar ná faghaid ach sceanfairt is rianán mine: fuighleach, scamhadh (scughadh) prátaidhe, bruscar aráin is rudaidhe mar sin a fhanas i ndiaidh bídh. Nách gránda an sceanfairt a dheineann sibh ar phrátaidhibh ná scughann sibh i gceart iad: útamáil ghearrtha, etc. Dhein na franncaigh is na luchaigh sceanfairt ar mo stáicín eórnan, níor fhágadar agam ach an lochán: scriosadar is laiteadar an chraobh is ghearradar an tuighe (léasrach). "Ar dheineabhair mórán éisc an tseachtmhain seo caithte?" – "sceanfairt air": scrios .i. mharbhuigheamair cuid mhór de. Nár leigidh Dia go dtiocfadh cogadh ar ár ndúthaigh, dhéanfadh sé sceanfairt uirthi agus orainn: díth, díoghbháil is scrios. Chaith an chrích an sceanfairt chugham-sa toisc ná raibh aon mhaith mar iascaire ionam agus choimeádadar an chuid dob fhearr aca féin: drabh-fhuigheall: na bric bheaga, mhiona. An raibh mórán stuic ar an aonach inde? bhí, is ní raibh, bhí sceanfairt ann: ádhbhar cuibheasach. Níl id shiopa ach sceanfairt ní cheannóchainn faic uait: earraidhe gan puinn tairbhe. Déanfaidh an fear sceanfairt mura gcoisctear é: ní fios cad ná déanfaidh maidir lé díoghbháil nó dul chun cinn.

scéanfamhail: *a.* so-scannruighthe, scáthmhar. Capall scéanfamhail mara gcorróchadh ach páipéar roimis léimfeadh sé is níor bh'fhéidir a cheannsughadh: furaiste crith is eagla do chur air. Duine scéanfamhail seadh é ná siubhalóchadh ist oidhche ina aonar: scáthmhar: faitchíosach.

sceanfartach: *a.* díoghbhálach, fiadhain, baoth, neamh-aireach. Duine sceanfartach ar airgead, bíonn an t-airgead ag dóghadh a phóca go mbíonn sé caithte aige: fiadhain fé:

neamh-aireach. Cuireadh den inneall é mar bhí sé ró-sceanfartach, laiteadh sé an iomad: díoghbhálach, útamálach. Is í an bhean is sceanfartaighe ar fuaid tighe ar m'aithne: is mó a leigeas do bhiadh, etc., imtheacht ina roithleach.

sceanfartach: *f.1.* scruitín, duine a dheineas díoghbháil; duine fiadhain, réiceamhail. Is air siúd nách deacair a aithneamhaint ná faghann sé a choirce bídh, an sceanfartach: scruitín: duine lom, caithte, léirighthe. Níl an bheatha aca ná a rian ortha, na sceanfartaigh: daoine léirighthe, seirgthe 'e cheal a gcoda. Sceanfartach ceart ar airgead é, níl aon deallramh leis an gcuma a reiceann sé a chuid: caithteóir fiadhain. Sceanfartach muice nách féidir leath a dhóthana do thabhairt lé n-itheadh dhi: sutha a íosfadh a bhfaghadh is bheadh ag lorg a thuilleadh. Tabhair, ar son Dé, rud éigin don sceanfartach san sara dtuitidh sé as a sheasamh: duine lom, caithte, dearóil.

sceanfartáil: *b.3.* "ladhar", roinnt chuibheasach, salachráil, itheadh nó gearradh neamhshlachtmhar. Tá an oiread ag an mnaoi is gur féidir léi sceanfartáil spré do thabhairt dá hinghin: ádhbhar mar bhaileóchadh sí lé chéile ina chóir. Mara dtéidhidh an scéal níos déine orainn tá sceanfartáil thé fós againn nách ceart dúinn gearán is an saoghal gannchúiseach atá ann: salachráil: ádhbhar: roinnt nách leór ach fós nách gann caol ar fad. Déineann sé sceanfartáil, is sin a bhfuil ann, tá an t-aos go trom anois air: gíotáil. Náire chughat, féach an sceanfartáil oibre atá id dhiaidh: útamáil: aindeise. Is gránda an sceanfartáil a dhein an potanálaidhe (dochtúra) é, mar fhoillsigheann an íde atá ar mo mhuineál ina dhiaidh ag lannsáil na seachaile a bhí air: gearradh gránda, salach. Leig don gcathaoir is ná bí ag sceanfartáil uirthi léd sciain, nó laitfir í: ag gearradh 'sag snoighe, ag manntáil uirthi. Fuaireas sceanfartáil bhídh sa bhaile mhór indiu, is ní gan duadh, ar a ghainne atá sé is a dheacracht a shroisint: ádhbhar ná cúis ghearáin. Is tú fear na sceanfartála, féach ar an gclódh atá ar an mbiadh id dhiaidh: na hútamála is na laitiméireachta.

sceanfartálaidhe: *f.4.* útamálaidhe, díoghbhálaidhe, manntálaidhe, gíotálaidhe, giúrnálaidhe. Níl aon ghnóth agat chun aonnidh, níl ionat ach sceanfartálaidhe: duine a laiteas rud nó a dheineas é go neamhshlachtmhar. An mar sin a lannsáil an sceanfartálaidhe an cnapán?: útamálaidhe lé sciain. Bain den sceanfartálaidhe an scian, níl sé ábalta ar aon scioltán do ghearradh: laitiméaraidhe. Ó Luan Satharn é ina chnuig ithreach, ar mh'anam gur sceanfartálaidhe maith é: a ghníos roinnt mhaith. Na sceanfartálaidhthe clainne atá agam, d'ídeochaidís biadh parróiste: dream a bheadh ag síor-itheadh is ag ídeach. An bhfuil bualadh na bhfíogach mar sceanfartálaidhthe ar iasc ins an bhfarraige? an mhanntáil ghránda thugaid air: iasc a laiteas is a bhaineas geanncanna as iasc ins an líon.

sceanfartálaim: *b.a.* gearraim go neamhshlachtmhar, manntálaim, laitim, útamálaim, gíotálaim. Ná sceanfartálaidh é sin anois, níl biadh lé lascáil in ao'chor againn: ná déintear aon lat air. Sceanfartáladh mo leathcheann ar fad nuair leagadh amach as an dtrucaill ar ghnáiste an bhóthair me: gearradh agus baineadh sciolpaidhe croicinn díom. Sceanfartálfaidh sé ar fhág a mhuinntir aige, dhéanfadh, mhuis, agus é bheith aige, is airgead Dhéamair: caithfidh is ídeóchaidh. Sceanfartálas mo lorga ar fhaobhar cloiche

nuair shleamhnuigheas den gclaidhe: baineadh an croiceann di. Sceanfartáil sé os cionn na súl thu: ghearraidh go gránda.

sceanfartálta: *a.r.* gearrtha, laitithe, manntálta, cneáidhte, útamálta. Ní mór de thairbhe an stáca a gheóbair anois, tá sé uile go léir sceanfartálta ag luchaigh: ina lochán: an méid den gcraoibh ná fuil ithte é manntálta. Tá, agus is mithid a chuid airgid do bheith sceanfartálta aige, is é nár thug aire dho: ídighthe go hait, réiceamhail.

scéan-shúil: *b.* (*s-shúl*) súil fhiadhain, scáirdeamhail, scannruighthe. Ar an scéan-shúil atá aige ní fuláir nó cuireadh eagla uathbhásach uair éigin air, scannróchadh sé thu féachaint air: súil go bhfuil seasamh innte agus féachaint fhiadhain. Scéan-shúile i gceann gach éinne aca is iad ag stialláil a chéile go fíochmhar, gur dhóigh leat gur madraidhe alla iad: buile is dásacht ina radharc. Na scéan-shúile a tháinig do nuair bhaineas mo leabhar as a láimh, gan choinne aige go n-aithneóchainn é: an seasamh iongantaiseach, neamh-mhín. Chritheas ó bhonn bathas nuair iompuigh an fear bocht a scéan-shúile orm: súile go raibh scannradh go soiléir istigh ionta. Níor mhaith liom é do tharrac orm, tá scéan-shúil aige: súil dhiamhair a gheóbhadh isteach tríot.

scéan-shúileach: *a.* go bhféachaint fiadhain, scannruighthe, iongantaiseach. Is soiléir gur ghaibheadar trí mhór-chuid anróidh is callóide lá an chatha ar an bhféachaint scéan-shúileach atá aca: seasamh neamh-nádúrtha atá sa tsúil aca. Bain preab as ghirrfhiadh, is é bhíonn go scéan-shúileach, budh dhóigh leat go léimfidís amach as a cheann: bolg-shúileach agus scannruighthe. Is iad a bhí go scéan-shúileach ar iompódh baise nuair teanntuigheadh iad i gcorp-lár a rangcáis: gur phreab an radharc ionta lé halltacht is eagla. Ní fheadraís céaca budh scéan-shúilighe ar réabadh an fhalla don splannc laistiar díobh: b'aoirde is budh scáirdeamhla radharc.

scéan-shúilighe: *b.4.* féachaint uathbhásach, fhiadhain, scannruighthe sa radharc. An scéan-shúilighe a chuir sé tríom d'aithnigheas air go raibh a fhios aige, ar an láthair, cér bh'é me agus an léasadh a bhí lé fagháil aige: an t-eagla a láithrigh ina radharc. Ná tagadh aon scéan-shúilighe ort roimis, níl sé chómh bascaitheach is tá sé bagarthach: ná foillsigh id shúil go bhfuil pioc eagla agat roimis. "Cuirfeam", ar seisean, "scéan-shúilighe ar an namhaid lé linn coscartha an tsneachtaidh": nuair is réidhe na bealaigh chun gluaiseachta: scannradh ar radharc aca. Tháinig scéan-shúilighe air nuair thuit a athair i gceann a chos ina láthair: d'éirigh scannradh ina radharc go hobann.

sceanta: *a.r.* sáidhte, stiallta, stéigithe, gearrtha, ídighthe, caithte. Na teornapaidhe sceanta chun na mbó: gearrtha lé sciain. A raibh san iothlainn, is níor chuid bheag é, sceanta roim Lá 'le Pádraig: ithte ag ainmhidhthibh. An aon iongadh a chuid airgid bheith sceanta aige is an caitheamh réiceamhail atá déanta aige air?: ídighthe go dtín bpinginn dheireannaigh. Nách gránda mar tá an blúire gleóidhte feóla san sceanta agat, na muca ní íosfadh id dhiaidh é: stiallta go neamhshlachtmhar. Músclóchaidh sibh, ach ní dhéanfaidh sibh go dtí san, ámhthach, nuair bheidh deireadh bhur gcoda sceanta agaibh: ídighthe gan truagh gan aire do thabhairt do: go haindeis. Tá an ursa sceanta ag an madra d'iarraidh teacht isteach ón sín: creimthe, cneáidhte, manntuighthe lé n-a fhiaclaibh.

sceart: *b.2.* bolg bhorrtha, atuighthe. An sceart atá air ón ólachán, tá leathad túir ann: borradh-bholg. Nách de atá an óinseach duine déanta, an sceart atá air, is cosamhla lé soitheach é 'na aonnidh eile: an coimpléas atá aige: an tímcheall uathbhásach: glógarsach. Is baoghalach don bhfalla san, tá sceart ag teacht air: iogán: pluc mór ag scéidheachtaint amach air. Is amhlaidh mar tá aige go bhfuil cúbadh is sceart air: lag isteach is pluc amach: é imthighthe as feirm ar fad.

sceartach: *a.* iogánach, borrtha, plucach. Aon chrot níl fanta air, tá sé chómh sceartach san gur dhóigh leat gur phúicín muc é: atuighthe: séidte. Is í bean is sceartaighe as a bolg í le fagháil, tá oiread tighe innte!: is mó go bhfuil tímcheall is coimpléas aice. Bead sceartach ón mbiadh so má ithim a thuilleadh dhe: atuighthe.

sceartachán: *f.1.* duine nó ainmhidhe builg mhóir, mhíochúmtha. Cá mbeadh rith ná léim sa sceartachán san atá chómh mór le buin!: borrtha thar cuimse. Sceartachán leinbh ná raghaidh aon aoirde choidhche air, ach an méid tóna is builg a thiocfas air: bolgadán gan crot ceart. Táim gan cor asam, im sceartachán ag an mbiadh: atuighthe, aindeis.

sceartán: *f.1.* míol caorach, madra, feichide a longuigheas ar ainmhidhe agus a mhaireas air. Seachain tú féin nó raghaidh sceartáin na gcaorach ort: na míola a mhaireas ar a gcroiceann ameasc na holna. Fan amach uaim, tá sceartáin ort: táir salach: míola ort. Níl oiread sceartáin in aon partán díobh: iad an-mhion.

sceathach: *a.* masmasach, leamh, úirleacach, samhnasach, scaoilteach. Deoch sceathach seadh í, ní túisce bhlaisfinn í 'ná amach léi: leamh, domblasta. Súp sceathach, níor choingbhigheas braon de im ghoile: claon lé úirleacan: chuirfeadh sé masmas ar dhuine. Rud maith a cuireadh air, ím tá sé an-sceathach chun cúram óil do chur díot: claon le úirleacan. "Léan id pholl sceathach!" deirtear lé duine nó ainmhidhe breimnighe. Tá san an fhaid sin sa tsoitheach go bhfuil sé sceathach is ná féadfá barra do phuis do chur air: leamh: samhnasach: a chuirfeadh casadh it aigne ina choinnibh.

sceathaighe: *b.4.* masmasacht, samhnasacht, leamhas. Má ólair an leann dubh san go bhfuil sceathaighe air lé n-a fhaid atá an soitheach ar an sileadh is gan ól, déanfaidh sé breóidhte thu: blas aosta, leamh. An saghas san súip, ní maith leis é, cuireann sé sceathaighe air, is bíonn an-bhreóidhte ina dhiaidh: masmas: casadh aigne ná réidhtigheann sé leis. Chuirfeadh do chuid cainnte sceathaighe ar éinne lé n-a gáirseamhlacht: bréan-inntin: bog-aigne.

sceathaire: *f.4.* ceólán, gealbhán gleóidh duine, cadarálaidhe, clabaire, giobstaire, giosaire, cabaire, gleothálaidhe, etc., an meaig. Nách é an sceathaire beag leinbh níor stad sé ó mhaidean ach ag cur as ar gach aon nidh thugann sé fé ndeara: ceólán: duine go mbíonn sruth chainnte aige gan blas gan dath. Níor mhaith liom aon scéal bheith ag an sceathaire sin orm; ar a bhás ní fhéadfadh sé a bhéal do chongbháil iadhta: duine béalscaoilteach. Nách tú an sceathaire bheith ag innsint ar gach éinne is a néid: clabaire cainnteach.

sceathaireacht: *b.3.* síor-ghlisiam chainnte, do dhéanamh glóir mion, tapaidh. Sin mar bhíonn an leanbh beag ar fuaid an tseómra ar feadh an lae ag sceathaireacht do féin mar bheadh éan ar chraoibh: gleógháil chainnte mar bheadh lé bréagánaibh. An túisce a fhágadh an múinteóir an seómra b'sheo an sceathaireacht ar siubhal ag na scoláiridhibh, gach nduine is a ghliogairnéis féin aige. An sceathaireacht éan i ngleanntán craobh: cóimhthreathar na n-éan. Tusa, leis, is do chuid sceathaireachta is bun leis seo d'fhagháil amach orainn, ná féadfadh do bhéal do chongbháil iadhta: béalscaoilteacht trí dháil bheith ag cur as.

sceatharnach: *f.1.* duine neamhghasta fé n-a ghabháil. An bhfeacaidh éinne riamh a bhróga dúnta ina gceart air, ná a chuid éadaigh ach leadhbach an sceatharnach: duine ná bíonn cáiréis ar a phearsain.

sceath-chuinnséis: (**sceithínséis**) *b.2.* at othrach an tsine seáin. Ní maith lé daoinibh an galar so do luadh lé heagla roimis.

sceatharach: *b.2.* úirleacan, tonn, cur amach, glóthach, greathalach, craosaire. Sceatharach birdeóige atá ag lúbadh fén iasc: birdeóg atá as crot. Ná tuigeadh éinne go bhfuil sé sábhálta dul isteach i sceatharaigh báid mar í sin go bhfuil a maislidhe ar bogadh is a síomaidhe ar oscailt: bád ná fuil fuinnte fáiscighthe a dhóthain. Tamall budh chórach, fuinnte an bhean í, anois tá sceatharach déanta dhi, í leathta anuas ar an dtalamh nách mór: borrtha, mortluighthe. An chéad uisce ón spéir, gheóbhaidh sé síos tríos na cocaidhibh. Sceatharach gach ceann aca, gan cuma gan deallramh: iad leathan, íseal, neamhghéar. Cruinnigh lé chéile do bheart leabhar is ná bíodh sé ag imtheacht ina sceatharaigh, leabhar annso is leabhar annsúd: beart neamhghasta. Túis ná deireadh ní bhfaghfá ar an dtigh céadna, sceatharach go raghfá amudha ann, tá an oiread san seómraidhe is póirsidhe ann: tigh mór gan leagadh amach ró-shlachtmhar air. Ná hól uisce as an dtobar san, tá sé lán de sceatharach fhrog: glóthach: síol. Tá rud éigin ar do mhadra, tá sé ag sceatharaigh: ag cur amach. Labhair go réidh, cruinn, féach an dtuigfeadh éinne thu, is ná bí ag sceatharach mar sin: ag cainnt go mear, tapaidh, neamhchruinnighthe. Aon tseasamh ní thabharfadh an sceatharach san uaidh, níl sé de chuma ná de dhéanamh air: duine aindeis, neamhchúmtha, leathta amach. Bheadh an sceatharach san ghá shacadh féin lé biadh go headarshuth bó ambáireach: craosaire. Sceatharach ná tabharfadh aon tseasamh uaidh dá mbeireadh aon chruadhtan air: gan cruadhacht, gan anam: duine bog, marbh.

sceideal: *f.1.* imshníomh, líonrith, anamhóin, anaithe. Ní mhaireann sé an droichscéal a chuirfeadh sceideal air, dá mbeadh ar bhain leis marbh ní dóigh liom go mbainfeadh sé preab as: a chuirfeadh líonrith air ná corruighe aigne air. Ná tagadh aon sceideal ort is ní thógfar aon cheann díot, ní buailfear in aigne éinne cé hé thu féin: sceitimínidhe. Dá mbeadh an chonntabhairt san doras iadhta aige ní thiocfadh aon sceideal air, ní fheadar an le meisneach nó ceal tuigseana é: faitchíos. B'shiúd é annsúd é ina shuidhe gan scáth gan sceideal gur dhóigh lé duine ar a dhriuch ná raibh peaca sa tsaoghal air: díreach is mar bheadh duine ná beadh eólas aige ar a mbeadh tuitithe amach. "Nár imthighidh an sceideal díot" lé duine nó ainmhidhe a bhíos braithteach, so-chorruighthe. Dhein sé gan aon sceideal é, rud nár bh'fhéidir lé mórán do dhéanamh, budh dhóigh leat air ná raibh

ann aige ach “gabhaim siar”: gan leigeant do líonrith ná imshníomh greim d’fhagháil air. Nuair bhíodh cruinnighthe poilitidheachta ar siubhal ann bhíodh sceideal ar an mbaile againn, áiteamh, argóint is óráididheacht: corruighe.

sceidealach: *a.* claon lé líonrith, suaidhte, suaidhteach, sceinnideach, braithteach. Níor mhisde é gan bheith chómh sceidealach, nuair bhíonn sé ag cainnt go poiblidhe, seadh is mó raghadh a chuid aighnis i luighe gaibhte: gan bheith socair, réidh, do-chorruighthe. Tagann aighneas ró-sceidealach uaidh, is minic gur deacair bheith deimhnightheach de rud deir sé: doiléir lé líonrith. Suidhe ná luighe ní fhéadfadh sé do dhéanamh faid bhíonn éinne ón dtigh amuigh gan filleadh, bíonn a chroidhe chómh sceidealach san: chómh claon lé geit do bhaint as. Buail barra méire air is léimeann sé, tá sé chómh sceidealach san: braithteach, sceinnideach. Rud áirighthe ar bun indiu aige, a mhalairt ambáireach, sin í an aigne sceidealach atá aige: ná fuil cómhnaidhtheach. Ainmhidhe an-sceidealach é sin ní lugha aige rud do dhéanamh ar dhuine ná stailc do chur suas: geiteamhail. Mairimíd i saoghal sceidealach anois, ní fheadair duine cad thárlóchadh ó indiu go dtí ambáireach: suaidhte tré chéile. Is fada go raibh na daoine chómh sceidealach agus táid lé linn na haimsire seo, tá a lúthacha ar fhaobhar is ar fhulang: suaidhte: imeaglach. Sin anois mar chaitheamair an tráthnóna ann gan corruighe ná ranngás, neamh-sceidealach go léir: gan corruighe ná preab.

sceidimín: (**sceitimín**) *f.4.* (*san iol. i gcómhnaidhe*) ríodhg áthais, líonrithe, mothála, etc. Ní hiongadh dhóibh i dtíorthaibh mar a bhfuil an cogadh so sceitimínidhe do bheith ortha de ló agus d’oidhche, ar bheagán suaimhnis is suain: a lúthacha ar “barra ithreach”: lé himshníomh is scannradh. Leig thart na rudaidhe sin, seachain iad nó beidh sceitimínidhe ag imtheacht ort, beir ag cur díot, is teann deabhaidh ort: ag cur díot go mear agus ní fé shuaimhneas aigne é. Breágh bog anois, ná tagadh aon sceitimínidhe ort, nó b’fhéidir go raghadh t’urchar amudha: ríodhga a chuirfeadh baillichrith ort. Ambaisteach, ach gur breágh, bog a thagann cainnt ort-sa, gan eagla do bheith orm; cé hé ná go gcuirfeadh an saoghal buadhartha so sceitimínidhe air: corruightheacht aigne. Ní huirthi seo amháin a bheadh sceitimínidhe dá mbeadh sé ag pósadh, ní feas di cad bhíonn dhá rádh ná dhá dhéanamh aice: cuimhneamh a pósta ag rith treasna na haigne ar an rud atá dhá dhéanamh aice is ghá cur trí n-a chéile. Mara gcuireann géilleadh Shuingeapóir sceitimínidhe (imshníomh) ar Sheán Bhuidhe is dúr daingean é: mara músclann líonrith is faitchíos ann. An scrúdughadh buailte anois leat is gan aon sceitimínidhe ag teacht ort: gan é ag déanamh aon chorruighe aigne ort: gan aon imshníomh ag teacht ort connus mar éireóchaidh leat. Imthigheadh na sceitimínidhe dhíot agus seadh is fearr do stiúróchair an bád: tagadh socracht aigne ort: congaibh go docht fé smacht aon tsaghas faitchís a bheadh ag teacht ort ná leig d’fhotharaga greim d’fhagháil ort. Dá mbeadh an tigh trí theine geallaim duit nách aon sceitimínidhe a thiocfadh air: ní chorróchadh a aigne chun imshnímh go n-éireóchadh aon rud dá chuid. An lá chuadhas fé lámh easbuig cuimhneóchad choidhche ar na sceitimínidhe a bhí orm: an líonrith is an suathadh a bhí ag tuargaint m’incheann. Túisce chonnaic sí an gárda ag teacht ná tháinig sceitimínidhe uirthi i dtaobh a madra, mar ná raibh díolta as: loinne is líonrith go gcuirtí an dlighe uirthi mar gheall air. An bhfuil fonn bóthair orm? ná fiafrófá an bhfuil sceitimínidhe orm?: lán de líonrith chun bheith ag gluaiseacht.

sceidín: (**sceaidín**) *f.4.* ball beag, bán i gclár éadain ainmhidhe go malairt datha; ball beag; práitín. Aon chúis ghearáin níl agat go bhfuil do chuid éadaigh salach, níl oiread is sceidín air: ball beag. Níor bh'aon bharra fóghanta é geallaim duit, ní raibh ionta ach sceidínidhe gan toirt barra t'órdóige ionta: críocháin.

sceidhtéar: *b.2.* bean nó cailín géar-theangach; baineannach seachmallach; baineannach ná beadh deagh-ghnóthach. Oiread agus barra méire níor bhuail sise ar rud istigh ná amuigh indiu ach ag imtheacht di féin: baineannach fuar, díomhaoin. Sceidhtéar díomhaoin ná déineann luach leathphingne ach ag cómhchainnt leis an té is túisce chúiche: baineannach a leanas a toil féin. Sin cainnt, a leithéid lé goirgeacht nár airigheas ó neach lé fada, tá sí imthighthe ina sceidhtéar ar fad: baineannach go bhfuil faobhar millte a teangain. Ná déin sceidhtéar díot féin: ná déin rudaidhe nách cuibhe do bhaineannaigh do dhéanamh: ná taidhbhsigheann banamhail.

sceilfid: *b.2.* geócach, seachránaidhe, éifid. Tabhair teas teineadh is rud lé n-itheadh don sceilfid bhocht san atá leathta ocrach ó bheith ag siubhal roimis ó bhall go chéile: seachránaidhe: siubhalaidhe gan treóir. Budh chóir dhíbh náire do bheith oraibh ag déanamh fonmhóid is aonaigh den sceilfid mhná san ná fuil aice ach mar gheibheann sí ina dhéirc: aindeiseóir gan speilp an tsaoghail uirthi ach ag brath ar a fagháltas ó thigh go tigh. Tá sí ina sceilfid agaibh, sin mar tá aice, gach neach agaibh i mullach an chinn uirthi ar gach cor is gach ócáid: éifid: duine ná beadh ina chéill chirt.

sceillig: *b.2.* beannán géar, seasuightheach carraige, scairbh. An Sceillig Mhór is an Sceillig Bheag .i. dhá charraig ghéara, gearbacha ar chósta Chiarraighe. Iad so ná pósann is a bhíonn in aois phósta deirtear go mbeid ag gluaiseacht 'on Sceillig oidhche Mháirt Inide chun an charrghais do chaitheamh lé húrnaighe is aithrighe ann, ach gur coisceadh an oilithreacht de chionn mí-bheart nár thaithneamhach leis an eaglais. "Do gheobhair ar dtúis an t-ubhall id dhóid/ do bhí ag an dtriúr i gclúid it chómhair/ iolar sléibhe, caol-chruth cheóil/ is seabhac na seilige ó Sceillig na seól": an charraig seo mar a mbíodh triall long thar lear mar chómhartha talmhan. Sceillig Mhichíl .i. Mícheál éarlamh na n-árd. Géim na Sceallag: an bhúirth shíor a bhíos ag an mbóchna ina dtímcheall.

sceilligeach: *a.* carraigeach, craigeach. Beannán sceilligeach: beann chnuic ná beadh ann ach carraigeacha garbha, gearbacha.

sceilimis: *b.2.* (**scilimis**) uamhan, aithis, náire, léir-scrios, teagmhas uathbhásach. Is ró-mhór an sceilimis dhuine é, ní théigheann aon nidh dhe, níl teóra ná coinsias leis: duine uathbhásach. Sceilimis go raibh ort: aithis chughat. Nách é an sceilimis choidhche na fir bhreághtha atá dhá mharbhadh sa chogadh so, cogadh neamh-ghábhtarach: an t-uathbhás. Má cuireadh sceilimis ar neach riamh chuir súd orm-sa é, a scian ar leathadh aige chugham is gan neart éaluighthe agam: scannradh croidhe. Chuireadar seachtmhain sceilimise isteach ar an oileán, teine chroidhearg ag gabháil lastuas díobh, gan mórchuid bídh ná uisce, is gan neart teichte aca: uathbhás dóibh dob eadh é: scannradh saoghalta. Is náire agus sceilimis duit, an tslighe atá airgead agat dhá chaitheamh ar gheall is ar ólachán: aithis agus uathbhás. Ná tagadh aon sceilimis ort chun an bhídh, tá dóthain meithile ann: craos.

sceilpéir: *f.3.* rógaire, gadaidhe, sladaire, cladhaire. Idir mhagadh is dáiríre anois budh mhór an sceilpéir é, an nidh sin do cheilt orm agus a fhios aige go raibh sé ghom chur amudha: cladhaire, lúbaire. Chúblálfadh san a mbeadh de phingnidhibh airgid id spaga uait i leith a cheana ort, sceilpéir ceart: cladhaire críochnuighthe. Dá mbeadh milleán go maidean agat air gheóbhadh an sceilpéir cúig it coinnibh, tá sé chómh calaoiseach, glic sin: rógaire, an-chúinse. Sin é, fág gach aonnidh fé bhrághaid an sceilpéara go n-árduighidh sé leis é: sladaire: duine a bhíos ag faire a chao. Tair annso chugham, a sceilpéir, cad san agat dhá dhéanamh anois? (go ceanamhail): a chladhaire. Bheadh rud ag an sceilpéir is leigfeadh air ná beadh d'fhonn is ná beifí ag tnúth leis: duine cam-ghlic. Níl amhras ar bith ná gur toghtha an sceilpéir thu, ní fhéadfadh éinne é féin do chosaint ort: cladhaire.

sceilpéireacht: *b.3.* cladhaireacht, lúbaireacht, ródaireacht. Agus do dhícheall do dhéanamh ní fhéadfá thu féin do sheachaint air, tá a bholg lán de sceilpéireacht, chamfadh sé ort, an uair budh lugha coinne agat leis: lúbaireacht: cladhaireacht gur deacair dul amach uirthi. Ní fhéadfá rud do chur tharat as do láimh ná go mbeadh bailighthe leis aige lé n-a sceilpéireacht: cladhaireacht na gadaidheachta atá luighte ann. "D'árduigh sé leis a raibh ann de bhiadh, is gan puinn dá easbaidh air" – "ní raghadh oiread den sceilpéireacht uaidh": sladaireacht sprionnlaithe.

sceilpeáil: *b.3.* bualadh, deamhasáil, tuargaint, laitiméireacht. "Sin imirt chruaidh go maith" – "tá sceilpeáil aca": tuargaint. Sceilpeáil ghránda tugtha ar an adhmad agat léd sciain: scineáil: laitiméireacht, snoighe gránda. "Beidh baint ar mhóin ambliadhna toisc ghannchar an ghuail" – "beidh agus sceilpeáil": baint neamhshlachtmhar. Ní hannamh a fuaireas sceilpeáil ar scoil ón máighistir dá ndeineadh sé aon mhaith dhom: bualadh, clabhtáil. "Sin í an sceilpeáil" ars an té a bhí ag féachaint ar rás dian, te: comórtas cruaidh.

sceilt: *b.2.* luid, pioc, blúire. Níl sceilt den éadach air, ní fuláir nó tá sé árd-bhocht: luid: giobal. Cad cheannóchainn is gan sceilt im spaga: feóirling, cianóg. Tar éis mo shaoghail is mo chuid oibre táim gan sceilt: bocht, dealbh.

sceimh: *b.2.* fonn, cíocras, guilm. Is é ná fuil an sceimh chun a bheatha ann, gan aon mhairg sa tsaoghal air an uair is mó greithileán daoine eile: fonn maireachtana. Níl aon sceimh indiu ionat, cad tá ort?: anamamhlacht. Tagadh sceimh ionat, táir marbh ar fad orm: croith suas thu féin chun ruda do dhéanamh. Níor fhan aon sceimh chun an bhídh ann: fonn chun a chaithte.

scéimh: *b.2.* deallramh, áilne, dreach, faobhar (faille, gleanna etc.), barr ar crochadh; bruach, ciumhais; leagadh; claonadh. Budh dhóigh leat ar a scéimh ná raibh peaca sa tsaoghal air: deallramh macánta. "Cailín chómh macánta, geanamhail agus gheóbhfá i dtaisteal lae í sin" – "sin í scéimh atá uirthi": deallramh, cuma, féachaint. "Duine seadh me a ghaibheas leis gach éinne ar a scéimh dréir mar thaidhbhsigheann a dhreach is a cheannaghtha dhom seadh do mheasaim é. "Bíonn borb fé scéimh": is minic go mbíonn meón mí-thaithneamhach ag duine go mbeadh deallramh breágh, geanamhail air. Is cuma

liom cad déarfá-sa ná éinne eile ina thaobh, tá scéimh an tsagairt air: cuma mhín, mhacánta mar is gnáthach do chur fé thuairm sagairt. Níl aon deigh-scéimh indiu ort, cad a bhain díot?: níl cuma mhín ná gnaoidheamhail ort: cuma ghoirgeach atá. Féach thart ar bhun na spéarach, is air atá an droichscéimh: deallramh ná fuil ar fóghnamh. Nách air atá scéimh an uain (aingil, diabhail etc.): deallramh: ghlacfá ó n-a dhreach gur mar sin atá sé i meón is i mianach. Fan ó scéimh na habhann ar eagla tuitim isteach duit: faobhar an phuirt. Ní hiontaoibh scéimh faille: an faobhar anáirde a bhíos níos sia amach ná an chuid eile. Ní fada ón abhainn a scéimh: bheith id sheasamh ar a bruach bír aice. Deirtear so an uair bítear buailte lé rud gan bheith ina threis ar fad, nó bheith in ionad amharastach cé nár bh'fhéidir faic do chruthughadh i gcoinnibh dhuine. Luigheas isteach fé scéimh an phuirt chun fothana: fé scáth an bharra anáirde a bhí ag éirghe amach ón gcuid eile. Tar éis an méid sin ar fad do shiubhal do shuidheas ar scéimh an bhóthair chun mo scíthe do leigeant: bruach: an taobh buailte leis an ndíg. Is olc liom an scéimh atá ar an gcogadh go gcríochnóchadh sé ambliadhna: an clódh atá air. Is tú an t-anchúinse fé scéimh an duine mhacánta: cuma mhaith lasmuigh ort is tú go holc istigh. Tugann fallaidhe geala na dtighthe scéimh mhaith ar an ndúthaigh nuair bheifeá ag gabháil tríthe in ollcharbad: cuma. Cuireann an t-éadach maith sin scéimh an fhir ort: taidhsighir mar fear maith. Táim chun scéimhe do chur ort sara bhfágair amach mo shiopa: cuma mhaith, thaithneamhach. Mo ghradhain í, an rud bocht, is í atá gan scéimh: gan deallramh maith: gan áilne. An saoghal mór do chailleamhaint léi ní thabharfadh sé scéimh uirthi: cuma thaithneamhach leis an súil. Cuireann gaiste scéimh ar dhoras: tugann sí cuma dheallramhtach. D'aithneóchadh súd ar do scéimh cad a bheadh ag rith it aigne, tá sé chómh géar san: ar an gclódh a bheadh ar t'aghaidh nó t-aradha. Ní fheaca aon duine riamh is lugha go dtagann athrughadh air 'ná é, an scéimh chéadna i gcómhnaidhe: an líomadh céadna ar a éagcosc. Budh me an t-amadán is muinghin do chur asat, mar is bréagach í do scéimh: ní mar táir lasmuigh atáir laistigh: tugann do ghníomh an t-éitheach don gclódh atá ort. Tar éis a challóide is a chlampair níl dá scéimh ann ach scáil bheag: níl puinn dá deallramh fágtha. Ó Thráighlí go dtís na Blascaodaidhibh tá scéimh talmhan is mara chómh breágh agus tá sa domhan: deallramh is breághthacht.

sceimheal: *b.2.* (*sceimhle*) búndalach tighe, an teóra mar a dtugtar isteach coca nó cruach, an díon ar stáca, cóca, etc., foirgneamh amach ó thigh ar thaca uaithnidhe; cosaint. Tá an falla fliuch fén sceimhil: an búndalach: an méid den díon go mbíonn scéimh air amach ó bharr na dtaobh-fhallaidhe. Ná hárduightear an coca a thuilleadh gan é do tharrac chun sceimhle: é do chumhangughadh chun mullaigh. Sé an coca gan sceimheal é, beidh a rian air, beidh sé fliuch: cosaint: díon. Is aige atá an iothla fé sceimheal: stácaidhe, etc., clúduighthe. Ghom fhógairt ón sceimheal do dhéanfaí: tabharfaí aithis phoiblidhe dhom.

sceimhealta: *a.r.* scannruighthe, ciapuighthe, cluichte, uathbhásach. Ina ghoire ní raghainn ar aon rud táim sceimhealta roimis, ní fios cad dhéanfadh sé liom: scannruighthe. Rug sé greim sceimhealta ar ghualainn orm lé n-a fhiaclaibh, gur shaoileas go ndéanfadh brúscar do gach cnámh innte: greim daingean diabhalta. De ló agus d'oidhche táthar ag léasadh an oileáin ón aer ní fuláir nó is sceimhealta an saoghal atá ges na daoinibh air: eagluighthe ina mbeathaidh. Bhíteas ag gabháil air gur tugadh cuma sceimhealta air, gur ar éigean a aithneófá é: athchuma uathbhásach lé gortughadh. Ná

tairng ort í, caith pingin chúiche chun a ciúnuighthe. Tá teanga sceimhealta aice: teanga ghearrtha, ghonta, ghoirgeach.

sceimhealtóir: *f.3.* báirseóir, scamhlaer. Ní fearrde éinne go dtugann an sceimhealtóir mná san cuid dá teangain do, ní fhágfadh sí thíos ná thuas ort é, tá nimh ar a teangain: scamhlaer: báirseóir. Sceimhealtóir fir ná leigeann do chlú ná cháil duine ar bith, ach ag cáineadh 'sag cúl-chainnt air: duine suainseánach. Dá leigeadh an sceimhealtóir sin dom do bheadh an scéal i bhfad níos fearr agam ach ní leigeann: duine a bhíos ghom chiapadh, ghom chrádh.

scéiméir: *f.3.* cleasaidhe cam, beartaire cliste fill. Is beag a shaoilfeadh ar an scéiméir go raibh an feall ina chroidhe, ghlacfá ar dhaoinibh macánta an domhain uile é, is féach cad tá déanta anois aige: duine a bheadh gnaoidheamhail, cneasta is an feall istigh aige: uisce fé thalamh. Scéiméir atúrnae a bhí agam, é ag fealladh orm leis an atúrnae a bhí im choinnibh: duine a bhí ag obair chun mo dhíoghbhála fé thóin. An dúthaigh sin ag maoidheamh riamh as a báidh lé saoirse is cuireann sí arm isteach chughainn ag tacaidheacht lé n-ár namhaid chun ár gcoimeádta fé chois, nách iad na scéiméiridhe iad: beartairidhe cama, fealltamhla. Sin mar gheóbhainn an scéiméir ag tógaint a bhfaghadh sé uaim is ghom cháineadh ar an dtaobh thiar díom: cleasaidhe fill. In ionad an ruda do dearmhadadh do thabhairt don té gur leis é is amhlaidh do bhuail an scéiméir chuige ina phóca é: cladhaire i leith macántachta.

scéiméireacht: *b.3.* cleasaidheacht cham, feallaireacht. Bhailigheadar leó amach as an siopa an méid earraidhe d'fhéadadar, annsan thugadar teine dho lé barr scéiméireachta chun airgid árachais do tharrac as: cleasaidheacht ghránda cham. Ceangailte istigh ina bholg tá an scéiméireacht, an uair budh dhóigh leat gur leat é bheadh sé ar thí do dhíoghbhála: an lúbaireacht chun fill. Bhailigh sé airgead, ag leigeaint air gur dos na bochtaibh é, lé scéiméireacht do chongaibh aige féin é: lé cleasaidheacht táir. Scúigh na cártaidhe mar is cóir, agus cuir uaim an scéiméireacht so chun máidhte do chur chughat féin: cleasaidheacht ghliocais.

sceimhleach: *a* scannramhail, scannruightheach, uathbhásach, creachach. An fharraige sceimhleach a thagann aniar ar an oileán sa gheimhreadh cheapfá go múchfadh sé fúithi thíos é: uathbhásach lé fiadhaineacht. An deallramh sceimhleach a chuireann an brat féasóige air, ní mór ná go néann duine fiadhain de: scannruightheach. Cad é an rud is sceimhlighe in aon bhaile mór ná a phléascadh ón aer nuair cuirtear teinte is tóiteáin ar bun: is mó a chuirfeadh crith is eagla amach. Ní maith liom in ao'chor an teanga sceimhleach atá aice: thabharfadh sí bearradh gránda dhuit: faobharach: géar, gonta. Lá sceimhleach é seo nár shábhálta do dhuine a bheith amuigh: conntabharthach, eaglach.

sceimhleadh: *f.1.* scannradh, íde bhéil, uamhan, uathbhás, ciapadh; dream foghaidh. Níl aon sceimhleadh go dtí é lé hólachán, thabharfadh sé de ló is d'oidhche ag gabháil de: aon teóra níl leis chun an méid dighe a chaithfeadh sé. Is mór an sceimhleadh i bparróiste thu, níl neach ná beadh ar a chosaint féin ort: duine uathbhásach. Is mór go léir an sceimhleadh lé daoire earraidhe áirighthe fé láthair, cnocáin airgid nár mhór do dhuine chun maireachtana: scannróchaidís duine. Dhírigh sé orm agus thug sé sceimhleadh im

bheathaidh dom: scannruigh sé lé híde bhéil me. Duine faitchíosach me agus ar bheith im aonar amuigh ist oidhche chuirfeadh aon ghlór nó corruighe sceimhleadh an anama orm: imeagla. Cad a chuir an sceimhleadh ocrais ort? ní fadó cheana ó ithis: an ghuilm go léir chun ithte. Ná tagadh aon sceimhleadh ort, ní baoghal duit, níl aon chonntabhairt lé breith ort: eagla agus anamhóin. Cé ná rugadh ar an sionnach fuair sé sceimhleadh maith ós na gadharaibh, geallaim dhuit ná raibh sé istigh leis féin insan am gur shroich sé a phruais: scannradh saoghalta. Is é an meathtach é, is furaiste sceimhleadh do chur air: oiread eagla is go gcailleann sé a mheisneach. Budh mhór an sceimhleadh reatha é, ní mór go raibh a chosa ag bualadh ar an dtalamh: fogha obann, tapaidh. Níl ball de Shasana anois ná go bhfuiltear ar lorg sean-iarnaidhe, tá an oiread san sceimhlidh ortha chuige lé haghaidh an chogaidh: an dúil mhairbh. Ní raibh aon chao aca ar sháthadh amach 'sa olcas a bhí an uain gan é do dhéanamh de sceimhleadh: d'fhogha foirtil. Mo dhíochcairt is mo sceimhleadh is mise ná baileóchadh choidhche aon stór: fairír: mo chrádh croidhe. Sceimhleadh ort ná fanfadh socair: go n-árduighidh an diabhal leis thu!: maisle chughat. Is iomdha lá sceimhle a bheireann ar an bhfarraige ar mháirnéalach: lá duabhaise is eagla. "An bhfuil sé ag obair?" – "tá, ar sceimhleadh": chómh tapaidh agus tá ina chroidhe. Ná cuir sceimhleadh orm led chuid airgid, ná teasbáin a thuilleadh dhe: uathbhás: eagla mór. Gan sceimhleadh choidhche chughat: nár thagaidh iomard ná clampar ort: aon rud a chorróchadh t'aigne. Trí sceimhleadh roim n-a scáth do theich an meathtach: eagla. Marbhuigheadh an sceimhleadh éisc lé seachtmhain sa bhágh: scannradh: cuid mhór. Caithfear a rádh gur duine thu ná fuil sceimhleadh ort chun coda éinne: fonn: sainnt. "Mo sceimhleadh is m'ailím chlaoidhte", deirtear in éadóchas nó lé doichreidteacht as rud a bheadh dhá mhaoidheamh.

sceimhlighim: *b.a. 7 n-a.* scannruighim, cuirim eagla ar, sanntuighim, ciapaim, clipim. Sceimhlighis ar fad chun airgid lé tamall, tráth bhís fial caithteach, anois táir chómh cruinn lé Giúdach: tháinig sainnt an domhain ort. Tháinig sé laistiar díom i nganfhios dom is leig béic orm a sceimhligh me: a scannruigh im bheathaidh me: preab is eagla. Chómh luath agus fuair sé lán a shúl de bhreághthacht na háite do sceimhligh sé chuige, ní raibh ball ar domhan dob fheall leis 'ná é: tháinig dúil an diabhail aige ann. Sceimhligheann an fharraige é, gan aon rud ach dul uirthi: tagann scannradh a chroidhe aige roimpe. Sceimhleóchadh an madra atá aca éinne: chuirfeadh sé eagla air go mbascfadh é, go mbéarfadh air etc. Ní sceimhleóchadh aon teine ná gléas airm na Seapánaigh, a deirtear go raghaidis suas isteach go béal na ngunnaidhe móra gan aon scáth: ní bhainfeadh faic dá meisneach. Ná sceimhligheadh sé thu, níl aige ach gaoth mhór: ná cuireadh sé aon eagla ort: ná tagadh anamhóin ort: fan réidh, socair. Cé hé ná sceimhleóchadh chun an bhídh sin, nách é atá go so-bhlasta: ná go dtiocfadh sainnt ithte air. Sceimhligh an baile ges na pléascáin, ná leigfeadh eagla d'éinne a cheann do chur amach: tháinig anamhóin ar na daoinibh. Ná sceimhligheadh muinntir na hÉireann ar uain seo an chruadhtain, bíodh gach éinne daingean, diongmhálta, do-chorruighthe: ná caillidís a meisneach agus anamhóin do theacht ortha.

sceimhlighthe: *a.r.* scannruighthe, ciapuighthe, clipighthe; guilmeach chun. Leig dom, a dhuine, táim sceimhlighthe ag an gcogadh so, cad dhéanfad má théighim gan biadh?: scannruighthe: lán d'imshníomh is de líonrith go ngeóbhad trí chlampar is b'fhéidir an bás féin d'fhagháil. Duine sceimhlighthe chun a bhuilg é sin, thabharfadh sé náire dho

féin ag tnúth: imshníomh is líonrith air ná féadfadh sé leath a dhóthana d'fhagháil. Na caoire sceimhlighthe ar an gcuma san ges na madraidhibh ná tiocfaidís i ngiorracht d'aon ghort: eagla is ruaig curtha ortha. Deirir go bhfuil sé sceimhlighthe rómham, ní gábhadh san, mhuis, mágáine ní dhéanfad-sa leis, ná aon chúis agam chuige: eagla air. Raghainn isteach i bpoll miongáin uaidh táim sceimhlighthe im chroidhe roimis: eagla mo bheatha orm. Ní rabhthas ró-sceimhlighthe chun stuic ar aonach an lae indiu: ní raibh tógáil mhór ortha. Ná bí sceimhlighthe anois, bí sásta lé cion fir: sainnteamhail: ar chroidhe díchill chun an ruda san. Is sceimhlighthe tusa 'ná éinne a chonnac riamh chun ban: is tú is mó fonn chun bheith ag suirghe leo is ina gcuideachtain. Daoine sceimhlighthe ina gcroidhe iad san: sprionnlaithe, sainnteach.

sceinim: *b.2.* preabadh, léimeadh, geit, eiteall, éalódh, foghadh, lingeadh, bíodhgadh. Díreach agus an t-eiteallán ag sceinim (den dtalamh) do stad an t-inneall is briseadh sciathán: ag éirghe. Bainimís sult an domhain is sinn in ár ngarsúnaibh as bheith ag sceinim leac beag ar barr an uisce: ghá gcaitheamh i slighe is go mbuailidís is go n-éirighidís den uisce. Chaitheadar dhá lá dhéag treasna na fásaighe ag sceinim ón namhaid ar bheagán bídh is codlata: teicheadh. Ní raibh aon chao aige ar an ngabhann d'fhágaint ach sceinim i mbréigriocht toisc é do bheith fartha chómh maith: teicheadh. Dar ndóigh atá ceól is lúth sa ghirrfhiadh sin, féach an sceinim atá aige an réadh amach: poc-léimreach. Na daoine ag sceinim ón ndúthaigh go Sasana gach aon ré sholais cheal oibre annso: ag imtheacht go hiomadamhail mar bheadh scuainidhe éan. "Má baintear aon sceinim as", ars an liagh, "ar an ísle atá sé, is tubaisteach do": preab, corruighe líonrithe. Chuir sé dhe ar nós sceinim an éin: eiteall: go héadtrom, éascaidh.

sceinmne: *b.4.* deithneas, luathas, tapamhlacht, mireacht, seóltacht. Dá mhéid deabhadh a bhí ag teacht ortha beidh sceinmne ag imtheacht ortha nuair chidhfear dóibh ná fuil rómpa ach an ghorta: deithneas ceart: imteóchaid gan féachaint ina ndiaidh. Níl aon teóra lé sceinmne na n-eiteallán, bheidís as do radharc faid bheadh "aon, dó" dhá rádh agat: luathas is seóltacht. Nuair caithfí piléar leis na colúir sin deirim-se leat go mbeadh sceinmne ag imtheacht ortha: deabhadh is eagla. Ar na tíorthaibh cómhraic anois atá an sceinmne chun armála do dhéanamh i gcóir an chatha atá rómpa, iad ghá fhéachaint lé chéile d'fhéachaint céaca is mó soláthar: deifir. Tagann sceinmne ar a croidhe gach uair dá gcloiseann sí glór pléascánaidhe os a cionn go gcritheann sí: bualadh tiugh. Ní fheaca riamh rinnceóir is fearr sceinmne cos 'ná é: tapamhlacht.

sceinmneach: *a.* mear, tapaidh, preabach, eiteallach, tric, ceólmhar. Is maith sceinmneach an mhéar atá aige ar ghunna do chaitheamh: mear, luath: tapaidh. Chómh sceinmneach lé héan de bharr claidhe: chómh héadtrom, seólta. Tá rud éigin ar mo shean-chroidhe indiu, tá sé árd-sceinmneach: é ag bualadh go mear: neamh-shocair, neamhshuaimhneasach. Níor chuirís díot riamh níos sceinmnighe ó aon rud scannramhail is mar chuirfir díot má thagann olc air siúd chughat: níos mire agus lé líonrith. Éan sceinmneach seadh an ghé fhiadhain, is deacair teacht i ngiorracht di: braithteach, soi-eagluighthe.

sceinneadh: *f.* (*-nte*) ag foghadh, ag teicheadh, mear-imtheacht. Bí ag sceinneadh leat, má beirtear ort beidh do mharbh air: ag cur díot go mear. Gach aon bhuille dá bhfaghadh

sa corrán ag sceinneadh dhe lé n-a chruadhacht: ag sleamhnughadh dhe gan bascadh do dhéanamh. Ag sceinneadh leis thar lear do bhí sé nuair rugadh air ar lóistín i gcúl-shráid cois an chéidh: ag teicheadh go mear. Teasbach, is é atá air, dá bhfeictheá ag sceinneadh thar na gclathach é, seadh déarfá ná raibh díocaidhe ná dathacha ann: ag gluaiseacht go héascaidh dá ndruim. Tá siubhal sa ghluaisteán úd má bhí sé i gceann riamh, fair ag sceinneadh feadh na mbóithre í chómh luath lé héan: ag imtheacht ar nós an urchair. Bímís ag sceinneadh as so faid bheidh an eaga againn: ag cur dínn gan moill ná faillighe. Dá mbeadh eaga sceinnte agam ní béarfaí orm chómh sonaoideach agus do deineadh: mear-imtheacht.

sceinneamhail: *a.* scáinteach, claon lé geit; eaglach; faitchíosach. Ná bí sceinneamhail anois faid is bhead ag leigeant an bhraoin seo, nó b'fhéidir go raghadh an tsnáthad go cnámh ionat: faitchíosach roim phian is go gcorróchadh. Fear maith nách mór i ndiaidh an chapaill sceinneamhail sin, chorróchadh aon rud é .i. gur furaiste sceit do bhaint as. Barra méire a bhualadh uirthi nuair léimfeadh sí, chómh sceinneamhail sin di: braithteach: claon lé geit nó léimeadh.

sceinneamhain: *b.3.* teicheadh, preabadh, eiteall, sleamhnughadh dhe; geit, preab. B'éigean dom stad de dhul 'on bhaile mhór do bhí mo chapall ag sceinneamhain ar an mbóthar seacamhail is ag tuiteam: sleamhnughadh. Níl aon rud is fearr chun sceinneamhna do chur ar na héanlaithibh sin as shíol na cruithneacht ach pléascadh an ghunna: teicheadh: ruaig thapaidh eaglach. Táir ag baint sceinneamhna as an leanbh leis na cumaidhibh atá agat dhá chur ar t'aghaidh: preab: faitchíos. Budh scannruightheach an tsráidín í, piléir ag sceinneamhain des na fallaidhibh is clagairt dhá bhaint as an mbóthar ann: ag bualadh ortha is ag aithléimeadh dhíobh. Budh thapaidh an sceinneamhain í, ar ámhmhaidean ní raibh longa sa chuan, na fichididhe dhíobh, ná go raibh bailighthe leo i nganfhios de dhruim oidhche: an t-éalódh. Ní bhaineadh bás ar bhain leis aon sceinneamhain as anois tá sé chómh calcuighthe sin ag anródh is clampar an tsaoghail: preab: geit: ní chuirfeadh as do. Capall gur furaiste sceinneamhain do bhaint as mara ndéanfadh ach páipéar corruighe.

sceinneamhnach: *a.* sleamhnánach, stroilleach, ceann-uaiscneach, guagach, geiteach, beódha. Ainmhidhe sceinneamhnach é sin, congaibh do shúil air ar eagla go dtiocfadh taidhrithe ann: claon lé geit do thógaint nó gluaiseacht go hobann chun bóthair. Tá na cosa ró-sceinneamhnach fút, seachain tú féin ar na leacachaibh sleamhaine sin: stroilleach. Bíodh beagán éigin stuidéir leat, tá sé in aois anois agat is ná bí chómh sceinneamhnach is bheith ag imtheacht tímcheall mar bheadh leanbh: guagach. Tá an cailín chómh sceinneamhnach lé héan: claon lé neamh-stuidhéardhacht: tamall thall is tamall abhfus.

sceinnid: *b.2.* duine ceann-uaiscneach, guagaire, baineannach géar-leadhbach. Cad d'imthigh ort? táir imthighthe id sceinnid ar fad, níl fuaimeant gealbhain ag fanacht leat: duine guagach. Sceinnid seadh é nár mhaith liom bheith ag brath air, bheadh eagla orm go scéidhfeadh focal éigin uaidh a nochtfadh sinn: duine nách féidir muinghin do chur as. Ná bíodh aon tsúil agat leis an sceinnid sin, ní luaithe ar an ngaoith Mhárta 'ná air: duine

luaith-intinneach. Tógadh an sceinnid aghaidh a caoraidheachta dhíom, sceimhligheann a béal me: baineannach faobhar-theangach: báirseóir.

sceinnide: *b.4.* ceann-uaiscneach, guagacht, ruathaireacht, braithteólacht, lag-pháise. Ní imthigheann an sceinnide choidhche as na capaillibh sin, tá mianach an fhiadhaigh ionta, ní mór bheith árd-aireach ortha: guagacht: fusacht preab nó geit do bhaint asta: claon lé léimeadh ar a luighead cúise. Ar mh'anam gur uirthi atá na héadaighe daora, cá ngeóbhadh an sceinnide?: ceann-uaiscneacht: neamh-stuidéar: neamh-stuamdhacht. Ná tagadh aon sceinnide ort má tá conntabhairt féin ann: ná tagadh preab ionat: fanadh do mheisneach agat. Tá sceinnide ag teacht uirthi pósadh, ní mór go bhfuil sí ábalta ar ghabháil tríd: faitchíos: tá a lúthacha ag cailleamhaint uirthi.

sceinnideach: *a.* preabach, geiteach, sceiteamhail, neamhshocair, guagach, faitchíosach. Ní bhead ag brath air, tá aigne ró-sceinnideach aige, is ní hiontaoibh ná go gclisfeadh sé orm: guagach: neamh-dhaingean. Níor ghábhadh dhuit ach teangmháil leis, nuair phreabfadh sé, tá sé chómh sceinnideach san: claon lé preab do thabhairt: so-chorruighthe. Ruidín sceinnideach seadh í, deineann sí rudaidhe aite: neamh-fhuaimeantamhail. Bean ró-sceinnideach do dhuine chómh stuidéartha leat-sa í sin, an iomad fonn rinnce, cártaidhe, peictiúiridhe is caitheamh aimsire uirthi: neamh-shocair ina beatha. Ná habair puinn léi, tá sí sceinnideach agus is furaiste uabhar do chur uirthi: so-chorruighthe, is ghoillfeadh do labhartha uirthi. Féach féin anois ná fuil an capall chómh sceinnideach tar éis a lae cruaidh oibre, agus bhí sé ar maidin: geit do bheith ann: claon lé preabadh nó gluaiseacht chun siubhail.

sceinnim: *b.a. 7 n-a.* teichim, preabaim, léimim, lingim, éaluighim, gluaisim de gheit, péacaim, scéidhim, scárdaim, stroillim nó sleamhnuighim de lé neart. Sceinn!: imthigh (as mo radharc). Sceinn an t-éan as mo láimh a luaithe agus bhogas mo ghreim air: léim sé go pras. Leis an siubhal a bhí fé sceinn sé tharm ar nós na gaoithe: scaoil tharm lé fuinneamh. Nuair bhraith sé gach einne ina shámh-chodladh d'éirigh go socair d'oscail ar chuma éigin an fhuinneóg go réidh is sceinn ó lucht a choimeádta: theich mar léimfeadh éan. Sceinn a raibh d'uisce sa tsoitheach trí phoillín beag a bhí ina thóin: scéidh, d'éaluigh. Ní sceinnfidh aon rud tharais siúd i nganfhios do, má dhéineann fiosracht is fairghis na gcómharsan é: ní éalóchadh. "Níor sceinn (an) oiread thar a chluasaibh (gan clos)", deirtear lé duine a bhíos i gcómhnaidhe ar thóir scéalta neamh-thaithneamhacha. Ní raibh éinne istigh leis ná gur sceinn sé tharais lé n-a fheabhas: gur fhág ina dhiaidh gan duadh iad. D'fhóbair dom, do sceinn an chloch dem chluais díreach .i. ní mór ná gur scríob sé dem chluais. Oiread agus focal dá bhfuil cloiste agat ná sceinneadh uait, ar do chluais: ná héaluigheadh: ná himthigheadh i bhfios ná i nganfhios duit uait. Sceinn sé ó dhuine éigin go raibh an t-arm ag cuimhneamh ar ionradh do dhéanamh orainn: tháinig sé ina eólas dos na daoinibh ar shlighe éigin gan intinn éinne leis. Bheadh an scéal go maith aige mara sceinnfeadh a chac uaidh: go n-imtheóchadh uaidh gan choinne aige leis. Sceinnis ó bhás ach sin a raibh ann, bhís chómh geairrid do lé héinne riamh: thugais na cosa leat. Sceinn a raibh sa tigh chómh luath agus chuaidh sé trí theine: ghreadadar leó. Sceinn an t-eiteallán de dhruim an chnuic mar dhéanfadh éan: ghluais go mear go hathchomair do. Sceinneann an táith-fhéithleann an-luath sa bhliadhain: péacann sé. Sceinn an aicíd ar fuaid na dúthaighe gur bhuail sí gach tigh: leath sí gan aon chosc uirthi.

Budh thaithneamhach léd chroidhe mar sceinneann sí fé sheól nuair bhíonn cóir aice: gluaiseann go seólta, módhmharach gan staonadh. Sceinn mo bhean uaim, is ní bhfuaireas a tásc ná a tuairisc ó shin: d'imthigh gan chead gan cheileabhradh. Sceinneann an t-éan ó thor go tor: gluaiseann go héadtrom, tric, seólta.

sceinnte: *a.r.* imthighthe, leathta, ceileabhartha. Na géidheanna fiadhaine sceinnte leó ó thuaidh ó fheabhasuigh an aimsir: teichte: bailighthe leó mar is toil leó. Tá an droch-nós sceinnte fén ndúthaigh anois ameasc an aosa óig agus is deacair a chur fé chois: scaipighthe: leathta. Táim an-mhór ar meisce, tá an deoch sceinnte fúm: imthighthe, leathta fém bhallaibh. Níor bh'fhearra dhuit rud do dhéanfá anois 'ná do shuaimhneas do cheapadh, tá an bitheamhnach sceinnte léd chuid airgid, is cá mbeidh fagháil air?: éaluighthe: imthighthe. Buidheach 'o Dhia tá an pian a bhí im ghlúin sceinnte leis: bailighthe leis. Braon bainne dá raibh sa challán an oidhche roim ré bhí sceinnte as ar maidin: éaluighthe as.

sceinnteach: *a.* faitchíosach, eaglach, lag-pháiseach, claon lé héalódh nó teicheadh. Ní mhairfinn choidhche i dtigh im aonar, bím ró-sceinnteach ist oidhche, chuirfeadh aon rud eagla orm: faitchíosach. Dochtúir maith dob eadh é mara mbeadh é do bheith chómh sceinnteach, tagann an chrith air uaireannta nuair bhíonn beart throm ar siubhal aige: eaglach. Éan sceinnteach seadh an colúr, bíonn sé ar gluaiseacht ar a luighead glóir: braithteach: claon lé himtheacht. Níl aon ghnóth ag fear stuidéartha bean sceinnteach do bheith aige, bhainfeadh sí a mheabhair de: bean ná beadh fuaimeantamhail. D'aindeóin a haoise tá sí chómh sceinnteach is bheadh in aois a fiche bliadhan di: beódha, aerach. Ag rinnce anocht is ag bainis ambáireach, is í an sceinnteach í: baineannach ghuagach.

sceinteachán: *f.1.* duine faitchíosach, meathtach. Ní haon sceinteachán a thabharfadh aghaidh ar leómhan cuthaigh i gcás: duine neamh-mheisneamhail. An rud is lugha riamh do chuirfeadh eagla ar an sceinteachán bocht: duine faitchíosach: gur furaiste preab do bhaint as.

scéird: *b.2.* áit lom, árd, ghaothmhar; ball gan fothain; cuma fhiadhain; uamhan. A thigh ar scéird go hárd anáirde ar thaobh an chnuic: i mball oscailte, gaothmhar. Ní mór an t-antar a chuid talmhan scéird shléibhe: talamh bocht, duairc. As san siar níl ach cnuic, comaracha is achrann, is scéird ghránda air: cuma fhiadhain, choimhtheach. Tháinig scéird air nuair cruinnigheadh ón dá thaobh air is nár bh'fhéidir leis teicheadh ná corruighe: uamhan.

scéirdeamhail: *a.* lom, duairc, coimhtheach, fiadhain, neamhfhothaineamhail. Talamh scéirdeamhail seadh é seo, ró-bhuailte leis an bhfarraige, is luigheann na gálaidhe go léir air, go néann mórán dochair do churadóireacht: gan cosaint ón sín: nochtuighthe. Baile maith, neamh-scéirdeamhail i mbun an chnuic go mbíonn fothain ag stoc amuigh sa gheimhreadh ann: fothaineamhail: cluthair: ná luigheann gaoth air. Níor bh'aon nidh go dtí so, mhuis, an aimsir, dá olcas í, as so amach beidh sí scéirdeamhail: fuar, duibheacach. Barr gach cnuic an chuid is scéirdeamhla dhe: is mó fé léith na síne. Cad atá ag cur as duit go bhfuil cuma chómh scéirdeamhail ort, budh dhóigh lé duine ort ná raibh áit

chómhnaidhthe agat: duairc, aindeis. Maidean scéirdeamhail seadh í nár mhór duit mórchuid éadaigh do bheith ort chun do sheachnadh ar shlaghdán: fuar, gomhamhail.

scéirdeamhlacht: *b.3.* loime, neamh-fhothaineamhlacht, nochtuightheacht, fiadhaine is nimhne. Budh mhó ar fad scéirdeamhlacht na háite seo mara mbeadh fothain na n-oileán ón bhfarraige: nochtuightheacht: a bheith leis. Maidir lé scéirdeamhlacht de, fág fé cois farraige é: fiadhaine, fuaire is lán-neart na droich-shíne gan chosaint uirthi.

sceit: *b.2.* preab, geit, stad obann, eagla, uamhan. Girrfhiadh a rith treasna an bhóthair a bhain sceit as an gcapall gur caitheadh as an iallait me: preab gur thug sé léim a bhain is a threascair me. Ainmhidhe conntabharthach atá agam, tá sceit ann: é claon lé preab do bhaint as dá bhfeiceadh rud go hobann. Sínte siar do féin leis an ngréin, ar a shástacht, gan choinne aige duine ná daon bheith ina ghaobhar nuair leigeadh béic air a bhain sceit as, gur léim ina sheasamh d'fhéachaint cad bhí bun os cionn: preab: corruighe grod. Is amhlaidh mar tá an scéal ged chapall-sa ná fuil sé d'anam ann sceit do thógaint: láidir nó mear chun preabtha lé linn eagla do chur air.

scéith: (**scéidh**) *b.2.* úirleacan, gluaiseacht do dhruim faobhair, ciumhaise, bruaiche, scartadh, péacadh, gobadh, scaoileadh (amach), scothadh, bolgadh, leathadh, plucadh, breith, foir-rith (uisce etc.), breis, etc., eochair éisc, glóthach fhrog, etc. Tigh conntabharthach lé cómhnaidhe ann é, tá na fallaidhe ag scéith fé: ag imtheacht amach as a ndíreach: an tsaoirseacht ag cailleamhaint a greama is ag bolgadh. Claidhe ná raibh na clocha ró-ghreamuightheach ann is nuair sheasuigheas ar a bharr do bhraitheas ag scéith fúm é: ag tabhairt: an tsaoirseacht ag bogadh is ag cailleamhaint a greama. Ag dul i méid is i mbeathuightheacht atá sé an uile lá, tá a bholg ag scéith ar fad ar fad: breis mhór choimpléis ag teacht do. Beidh an soitheach ag scéith, tá poillín ina thóin: ag leigeant uaidh: ag scaoileadh as. Ní ró-mhaith an earra mar chómharsain é, ní lugha aige a bhéal do choimeád iadhta 'ná scéith ar dhuine: pé eólas nó rún a bheadh aige air do leigeant leis an bpoiblidheacht. Dá thagairt duit go raibh duine éigin ag scéith orainn, bhíodh a fhios ag an lucht ceannais gach cor dá gcuirimís dínn: ag innsint ár ngóthaidhe rúin. Máirt Inide ar an mBuailtín ní raibh aon chuma bochtanachta ar na daoinibh ná ísle bhrighe i dtaobh an chogaidh, bhí scéith dighe ann ag lucht bainise chómh mór agus bhí an lá budh mhó réim lé cuimhne éinne iad: taoscadh: glaodhach is ól go flúirseach. Nár throm an toradh a bhí ar na crannaibh go rabhadar ag scéith leis: é ag tuiteam lé n-a shaidhbhreas is a aibeamhlacht. Fuair sé bás de dhruim scéith fola mar ar sáthadh sa bhléin é: dortadh: sruth-ghluaiseacht. I ngrean na habhann d'fhágann an bradán a scéith: an síol. Caithfear malairt ughamach do dhéanamh, tá sise ag scéith: an fighe ag scaramhaint ó n-a chéile. Scaoil an bheart féir sin, tá sé ag scéith, fáisc airís é: ag leathadh (scaradh) amach as a chéile ó n-a ghreim. Ó, mo chroidhe 'on diabhal, gur mór an sutha duine thu, táir ar tí scéithe leis an méid atá ithte agat: an biadh d'imtheacht as do ghoile nó searadh mór do theacht as do bholg. Éirigh as mar scéal, ní mór an mhaith bheith ag scéith deór ach an faoiseamh tochta amháin atá ann: dortadh. Deineann scéith na n-aibhnteach mórán díoghbhála isteach fén ndúthaigh mar fanann locháin ann ró-fhada isteach san mbliadhain: borradh os chionn a bhruach is imtheacht fén dtalamh. Mo neart ag scéith anois orm, agus is mithid é tá na bliadhanta ann lé cómhaireamh: ag trághadh uaim. Ciumhais do bhinne ag scéith: scothadh: na snáithínidhe ag cailleamhaint a ngreama is ag

lomadh. Féach chun do stoca, tá sé ag scéith: ag scaoileadh: é ag tuiteam as a chéile. Bhreóidhtigh duine éigin leis an méid a bhí ólta aige is d'fhág an scéith cois falla: úirleacan. Fan siar ó fhaobhar na faille tá sé ag scéith is níl aon an-ghreim air: leagadh mór amach aige seachas an chuid fé. Tá an radharc ag scéith orm, ní fada ó bhaile is féidir liom rud do bhreithniughadh: ag leathadh: ag dul i neamh-chruinneacht.

scéitheachtaint: (**scéidheachtaint**) *b.3.* (*-ana*) scaoileadh rúin, saoirseachta, tógála, fighe, fóir-rith uisce, etc., éalódh, (iasc, etc.) an eochair do bhreith is do chur. Dhein sé scéitheachtaint leis an lucht ceannais orm go raibh armáil gan chead sa tigh agam: rún é do leig sé chúcha: thug sé an fios dóibh chun mo dhíoghbhála. Ná déineadh éinne aon scéitheachtaint, is ní bhfaghfar amach choidhche go bhfuiltear ghá folach. Na clathacha ag scéitheachtaint lé n-a n-aois: ag luigheadughadh in aoirde ag leathanughadh amach is ag tuiteam: an tógáil ag scaoileadh. Lé méid na tuile 'san abhainn tá sí ag scéitheachtaint isteach ameasc na ngort: ag gluaiseacht de dhruim a ciumhas. Téigheann an bradán suas suas amach ar na haibhntibh chun scéitheachtana: an eochair do chur i bhfolach grin. Tháinig uabhar air nuair tugadh easonóir do agus bhreithneofá na deóra ag scéitheachtaint aige: ag éalódh amach fé cheasaibh na nduilleóg. Mara gcoisctear an aicíd ghránda so, beidh sí ag scéitheachtaint léi go leathanóchaidh sí fén ndúthaigh: ag gluaiseacht is ag éalódh mar bheadh uisce: ag scaipeadh gan a thabhairt fé ndeara luath go leór chun a chosctha. Níl aon choimeád ar a chuid uisce aige bíonn sé ag scéitheachtaint air dá aindeóin: ag éalódh uaidh. Tuitfidh an fhaill sin ar fad, tá sí ag scéitheachtaint, féach na scoilteacha is créachta móra atá innte: ag scaradh ó chéile. Tá scéitheachtaint ó thuaidh ag an gcoca: leagadh: claonadh. An t-othar chómh lán-aibidh sin go raibh sé ag scéitheachtaint: an braon ag pléascadh amach thríd gan é d'oscailt. Réabann na trollanna troma leapacha na scéitheachtainte (scéitheachtana) ar thóin na mara: na loga suaimhnis mar a mbeirid is chuirid a n-eochair (síol). Líonann sé gach ciota go scéitheachtaint: go mbíonn ag imtheacht de dhruim an áruis. Ní lán go scéitheachtaint: an uair bhíos an leann ag gluaiseacht de bhruach an áruis níl aon bhaoghal ná go mbíonn sé lán. Cómhartha triomaigh an bóthar san bheith ag scéitheachtaint: uisce bheith ag fúscadh tríd aníos.

scéithim: (**scéidhim**) *b.a. 7 n-a.* caithim, sínim, searaim amach, úirleacaim, fóir-rithim, rithim de dhruim, brúchtaim; péacaim; cuirim síol; foillsighim, brathaim (duine), scaoilim; bolgaim, leathanuighim amach. Ná scéithidh (scéidh) orm gur ghoideas an earra so, cuirfí i bpríosún an stáit me: ná hinns don lucht ceannais dlighe, etc. é. Scéithfir féin ort féin, is é is measa dhuit, nuair chidhfear ná beidh do chunntaisidhe i dtreó cheart i ndeireadh na bliadhna: foillseóchair féin do choir. Táid mar scéidhfeadh fíogach fíogach eile .i. chómh cosamhail díreach agus bhíonn coileán an éisc sin leis an máthair. Dá mhéid a dhein sé as an slighe, rinne sé chómh glic cúramach san é nár scéidh a bhearta riamh air: nár tugadh fé ndeara go raibh aon rud déanta bun os cionn aige. Is conntabharthach an rud bheith d'iarraidh uisce do choimeád, scéidhfeadh sé fés na féitheannaibh gan puinn moille: d'éalóchadh sé tríotha. Fé dhubh-bhrat na hoidhche do scéidheadh mórchuid fear den namhaid isteach in ár n-ionadaibh dár n-aindeóin agus chlipidís go mór sin: gluaiseacht isteach díreach mar leathanuigheann uisce trí ghainnimh. Scéidheann an fhaill ró-mhór ná faghfá do ghreim chun dulta síos ná teachta aníos: an chuid uachtarach di ina sprochaid i bhfad amach thar an gcuid íochtarach. Scéidh an madra lé suathadh reatha a raibh ithte aige: d'úirlic, thaosc as a ghoile. Is an-

dheallramhach lé chéile an bheirt, an déanamh is an dath céadna, budh dhóigh leat gurb amhlaidh do scéidh duine aca an duine eile amach as a bhéal: gur thug sé a chuma is a chlódh féin air. Ná bíodh eagla ort ná go bhfuil an mianach cóir ceart ann, do scéidh sé ó stoc maith: do shíolbhuigh. An diabhal féin is é a bhí air chun braidheacht – subh, milseán, cácaidhe, etc., ach scéidheadh duine éigin air do shíor: d'innseadh go ndeárna sé an fhoghail. Scéidheann meisce rún: scaoileann amach.

scéithín: *b.4.* sciath bheag, an maothán fé bhun an chnámha uchta os chionn na scart. Cuirfidh an t-ualach trom san do scéithín ar lár: tuitfidh an maothán as a ionad cheart. Buaileadh ar aghaidh an scéithín me: buille gonta goirtightheach é sin.

scéithte: (**scéidhte**) *a.r.* úirleactha, curtha amach, taosctha, aiseagtha; an síol curtha uaidh ag iasc etc., fóir-rithte; aithsceartruighthe; cnaoidhte, traochta, scaoilte, innste ar; bolgtha, borrtha, leathanuighthe, scaipighthe. Tá scéithte ag an madra: úirleacan déanta aige. Sálán scéithte ag an bpallóig: curtha aniar as a bolg. Dá mbeadh scéithte air leis an máighistir gur b'é a bhíos ag déanamh an ghleóidh is nách éinne eile go mbíonn an milleán air is maith do bheadh sé tuillte aige: innste air (rud atá ina rún). Is maith dob eól dom go raibh scéithte aige orm cá rabhas i bhfolach is é ghá leigeant air liom ná faghfaí amach choidhche uaidh é: innste don dream a bhí ar mo thóir. Tá scéithte agat ort féin gur tu d'ól an beathuisce mar tá a bholadh go láidir uait: curtha in iúil agat gur tu atá cionntach. Níor leigeadh an t-othar in am go dtí go raibh sé scéithte fém lorgain ar fad ó alt go glúin: rithte: scaipighthe. Téighir chun a thárrthála, tá an t-ualach scéithte air: é imthighthe as an bhfáiscean a bhí air. Tá an claidhe scéithte: bolg tagtha air, is é tuitighthe ar a thóin. An abha scéithte: imthighthe isteach ar an dtalamh dá bruachaibh. Aindeiseóir ar fad déanta dhe lé tamall, é scéithte amach: borrtha: toirt mhór tagtha ann. An namhaid scéithte fén mbaile anois agus is rí-dheacair a ruagairt: éaluighthe i ngan fhios ó bhall go chéile. Faill ró-scéithte as a faobhar, í chun teacht ar barra: an faobhar ina sprochaid amach thar an gcuid eile dhi. An fhaill scéithte as a bun is as a barr: í ag scaramhaint as a chéile. Ar maidin ní raibh braon bainne ar an mbeiste ná raibh scéithte: imthighthe trí scoilt nó pholl. Tá an croidhe scéithte ann um an dtaca so, tá an iomad éigin is anróidh beartha air, ní fhéadfadh a thuilleadh do sheasamh: tugtha, tnáidhte. Ní mór ná go bhfuil an t-anam scéithte asam lé gáiridhibh: imthighthe trím bhéal amach dem aindeóin. Budh mhór an tulcghail bháistighe a thuit i rith na hoidhche, go raibh an t-iomar scéithte ar maidin: an t-uisce ag gabháil amach dá fhaobhar. Ní mór an mhaith an bradán nuair bhíonn sé scéithte: an eochair curtha uaidh aige. Scéal atá ina fruis frais seadh anois é, tá scéithte aca féin ar a chéile: pé rún a bhí aca tá sé scaoilte chun dochair a chéile. Tá an suidheachán ró-lag, tá sé scéithte fút: tugtha: liocuighthe: leathanuighthe amach ar n-a thabhairt do.

scéithteach: *a.* claon lé húirleacan, aiseag, fóir-rith, innsteach. Níl aon rud is scéithtighe do cuirfí air anois 'ná ím gan salann: is mó a chuirfeadh ag úirleacan é. Cé go bhfuil an bheirt aca béal-scaoilteach go maith is scéithtighe go mór an mac 'ná an t-athair: is briosca (brisce) fé n-a rún é.

sceó: *b.4.* breis, clúdach, screamh, crústa, ádhbhairín clúdaigh. Ní tháinig aon sceó puinn riamh air, d'fhan sé ina thruaghnairt bheag meathaluighthe: breis: méid. Is fada ó bheith

beirbhthe (bácálta) an císte, níl air fós ach sceó bheag éadtrom: screamh éadtrom, thanaidhe. Dóghadh ó thalamh, ó righe go huillin me is me im rud bheag, ní tháinig de chroiceann orm ach sceó bheag: scanán éadtrom. An sceó ime a cuireadh ar an arán chugham budh dhóigh leat gur lé scuaib a cuireadh é: rianán ná raibh ann ach go dtabharfá fé ndeara é. Ní dheaghas isteach ina measc in ao'chor, d'fhanas ar an sceó amuigh: ar an bhfaobhar. Chuir sé beagán seaca airís, tá sceó leac oighreach ar an linn indiu: clúdach tanaidhe, éadtrom. Ní raibh barra torthamhail ar mo ghort, sin adeir an sceó aoiligh do cuireadh air leis: rianán. Caithfear dul ar lorg i mball éigin eile níl sceó lé n-itheadh sa tigh seo: pioc: luid: aon rian. Cuir sceó gaiste ar an ndoras is ná bíodh sé geal gléigeal ar fad. Ná gearán in ao'chor ar a bhfuil de ghortughadh ort, níl ort ach an sceó: an taobh amuigh a bheith teangmhálta. Cad é an cómhartha aimsire an sceó ceóidh sin ar an gcnoc: brat éadtrom: oiread díreach agus d'fholuigheas é. Sé an bainne gan scabhárd é, níor éirigh d'uachtar air ach sceó: oiread is go dtabharfá fé ndeara é. Léan air! ní raibh aon sceó chun oibre ná chun an tsaoghail riamh air: screamh: ní raibh oighear beatha ná oibre ann. Tóg an leamhnacht so den dteine, tá sceó ag teacht air: barra níos righne 'ná an chuid eile. Smúit ina sceó ar an uisce: ag snámh go héadtrom air. Dréir gach deallraimh ní haon sceó a thiocfaidh ar do chuid airgid: méid ná breis. Tá an casán ag imtheacht fiar-sceó treasna an ghuirt: cam: gan bheith díreach. Téigheann an bóthar fiar-sceó an cnoc amach .i. ní treasna lom díreach. D'imthigh an t-eiteallán fiar-sceó de dhruim an chnuic: tharais, gan dul cruinn díreach. Gearraidh an clár fiar-sceó: treasna mar bheadh ó chúinne gó cúinne. Tagaimís fiar-sceó ar an luing: cúrsa aistir do thabhairt chun bheith sáruighthe. Adhmad sceó-bhán: go mbeadh dath bán éadtrom air. Ní baoghal do, níl air ach sceó-ghortughadh: gortughadh ná fuil doimhin. Ag sceó-bhreacadh mo lorgan leis an dteine: ghá dtéidheamh go maith. Níor tugadh ar an áit (gort, ceann, etc.) ach sceó-ruathar: ionnramháil bheag a fuair sé. Nílim ach sceó-loiscithe ag an uisce fliuchaidh: ní dheachaidh an dóghadh doimhin. Tá an chruach sceó-fhliuch tar éis na báistighe: tais ar an dtaobh amuigh dhi. Níl sí oireamhnach chun teineadh fós, níl sí ach sceó-thirim: screamh thirim, an chuid eile fliuch.

sceólbhach: *b.2.* an ball go dtairngeann an t-iasc a anál leis, an muineál is an bhrághaid. Beir chugham ar sceólbhaigh é .i. greim daingean, docht air. Cuirfear cnáib fén sceólbhaigh agat lá breágh éigin ar an bhfuadar atá fút anois: crochfar thu. Beidh cainnt mhór ar sceólbhachaibh ag iascairidhibh os chionn braoin dighe Dé Domhnaigh: cuid mhór tráchta aca ar mharbhadh éisc na seachtmhaine roime sin. Chuireas méar ina sceólbhaigh: laistigh den gcorrán. Beir ar sceólbhaigh air: ar mhuineál air chun a anáile do bhaint de. Ná beir ar sceólbhaigh mar sin orm, tabhair eaga chainnte dhom: ná tacht mé: ná bí grod liom. Is mór an truagh an té go mbeireann fear na bhfiach ar sceólbhaigh air: ar scórnaigh: teacht obann air. Ar a sceólbhaigh a aithneóchair an fear .i. fé bhun na cluaise. Tá sé an-bháidhteach fén sceólbhaigh: droch-chuma sláinte air.

sceón: *f.1.* uamhan, imeagla, scannradh, mearbhall, anamhóin; líon mór. Ní bhainfeadh a bhfuil de bhiadh sa tigh an sceón as a chroidhe: an scannradh chun ithte. Fuair sé an t-anabháthadh ar an sceón atá ina shúilibh: an scannradh seasuightheach. Is mór an sceón chun imeartha é .i. atá sé go hiongtach: is mór an radharc é. Thuill sé an sceón airgid faid bhí sé thar lear: cuid mhór ghroidhe. Ná tagadh aon sceón ort anois, tá eaga do dhóthain agat: fotharaga. Ní fheadar cad is ceart dom do dhéanamh, tá sceón orm ag an méid a

chidhim: mearbhall: corruighe aigne ná feadar cad is ceart do dhéanamh. Leis an sceón níor bh'fheas do cá raibh sé ag gabháil: suathadh is eagla. Sceón ort ná beadh socair: mearbhall.

sceónaim: (**sceónuighim**) *b.a. 7 n-a.* scannruighim, glacaim scannradh. Ná sceónuigh me leis, caith uaim é, níl a leithéid eile ar t'eólas: ná cuir eagla orm leis. Sceónóchadh a n-ólann sé thu: chuirfeadh sé iongadh is alltach ort. Ná sceónuigh, tá an cúrsa go maith agat faid is ná bainfidh an cogadh lé hÉirinn: ná tagadh líonrith ná fotharaga ort. Chómh luath agus caithtear piléar sceónuigheann na héanlaithe is bailighid leo: tagann eagla uathbhásach ortha: líonrith a fhágas duine gan cor as.

sceónamhail: *a.* scannruightheach, scannruighthe, suaidhte, fiadhain. Maoluightear is ciúnuightear an duine sceónamhail, abarthar leis gan bheith suaidhte: duine a bhíos trí chéile guairneánach, neamh-shocair lé heagla. Uain sceónamhail agam dob eadh í nuair tógadh liom is caitheadh i bpoll me, is gan buille snámha agam: scannruightheach. An dá shúil sceónamhla atá aige cad a thárlaidh dho?: súile go bhfuil an t-eagla léirighthe ionta. Níl neach a chidhfeadh an chuma sceónamhail a bhí air, scáird ina shúil, a chuid éadaigh salach, barcach, a aghaidh gan nighe is féasóg mí air, ná déarfadh go raibh anaithe feiscighthe aige: scannramhail: eagla. Theicfeadh an té budh mheisneamhla riamh ón bhfarraige sceónamhail a bhí ag briseadh orainn: scannruightheach.

sceónghail: *b.3.* glór sa chliabhlach. Tá sceónghail ar an gcapall, ní drochchómhartha é.

sceónmhar: *a.* lán d'uamhan. Táim chómh sceónmhar aige féin is ges a sciain go gcrithim nuair chidhim é: chómh lán san d'uamhan is de scannradh saoghalta. Na daoine sceónmhara a bhuail linn ar an slighe mar ar cuireadh an cath, theichfidís chómh luath is gheóbaidís amharc ort: go raibh an scannradh is an t-uamhan curtha go croidhe ionta.

sceón-shúil: *b.* (*-shúl*) súil fhiadhain, scáirdeamhail. An sceón-shúil atá aige is furaiste a thabhairt fé ndeara go rug cruadhtan, clampar is scannradh air. Ní chuireann do sceón-shúile aon eagla ar neach annso ná dá mbeadh an radharc seacht n-uaire níos aoirde ionta: súile fiadhaine. Tháinig sceón-shúile dho nuair chonnaic sé ann roimis me is a bheart sáruighthe: iongtas ina radharc. Tabharfad-sa sceón-shúile dhuit-se mara n-athruighir do phort: osclóchad do shúile lé hiongtas. Na sceón-shúile atá aige budh dhóigh leat go bpreabfadh an radharc amach as a cheann nó gur ó thír éigin iasachta do tháinig sé: an fhéachaint árd eaglach atá aige.

sceón-shúileach: *a.* scáird, féachaint fhiadhain nó scannruighthe sa radharc. Is baoghalach nách duine mín é seo, tá sé sceón-shúileach go leór ach go háirighthe: seasamh fiadhain scáirdeamhail ina radharc: radharc-sheasuightheach. Ón lá a scannruigh na piléir é tá sé is beidh sé sceón-shúileach, tá solas ag rinnce istigh ina rosc: cuma scannruighthe ar an radharc aige. Is é a tháinig go sceón-shúileach nuair chonnaic sé roimis sa bhaile an té go raibh sé deimhnightheach dá bhás leis na bliadhantaibh, tháinig dhá chnap do: iongadh agus alltacht go léir ionta.

sceón-shúilighe: *b.4.* féachaint allta nó scannruighthe. B'fhéidir dómh-sa sceón-shúilighe do chur ort mara dtabharfá do bhóthar ort: féachaint allta do chur id radharc lé heagla. Tá sceón-shúilighe sa bhfear adeirim-se: leathadh ionta: seasamh.

sceónta: *a.r.* eagluighthe, scannruighthe. Duine sceónta chun an tsaoghail, is fada leis suidhe is a phíp do dheargadh gan bheith ag saothar: an dúil mhairbh aige chun saoghaltachta. Id ghiorracht ná id ghaobhar ní thiocfad faid bheidh braon im shúil, táim sceónta agat lé droch-chainnt: scannruighthe: uamhan curtha im chroidhe agat. Duine sceónta seadh é ar eagla go bhfaghadh bás leis an ocras má bhíonn gannchar bídh ann: go bhfuil uamhan ina chroidhe.

sceóntacht: *b.3.* aiste bheith lán d'uamhan. Lé sceóntacht roim an gcogadh d'ídigh sí í féin: lé heagla chómh mór san gur imthigh a meabhair uaithi. Choidhche, an dá lá dhéag agus faid mhairfeadh sé ní chuirfeadh sé sceóntacht na hoidhche úd as a chuimhne: an t-uamhan a rug air.

sceónthairt: *b.2.* duine mear-dhána, fiadhain. Aon rud ní théigheann de, nách é an sceónthairt bhuachalla é .i. buachaill mear-dhána a thabharfadh aghaidh ar aonnidh. Sceónthairt fhir a chaith a chuid gan aire: fear gur chuma leis.

sceoplach: *f.1.* caoir, greitheal, rithireacht. Beidh árd-sceoplach ar an mBuailtín Máirt Inide, daoine as gach áird ann ag rinnce, ag ól 'sag amhrán: scléip: tabhairt amach. Tá sé ar sceoplach lé seachtmhain fhada anois: ag ól gan aon stad, caoir. Clann óg is sceoplach an domhain ortha, cheapfá gurbh í an chéad bhunóc riamh í: suathadh is rithireacht.

sciamh: *b.2.* scéimhe, aragha, cumraidheacht, dealbh, deallramh, ceannaghtha, éadan áilne, líomhtacht, clódh, aiste. Tháinig sé 'on tigh fé sciamh an duine mhacánta, cé gur anchúinse críochnuighthe é, agus do thabharfaidís aon rud dá raibh aca dho: i gclódh: sin é an crot is an tslighe a bhí fé. Dá mbeadh sé ar alfraitsidhibh an domhain tá sciamh an aingil air, an bhfeacaís éinne riamh is mó go leagfadh t'aigne is do chroidhe leis?: deallramh: dealbh is féachaint. Tá sciamh bhreágh fir air: aragha: líomadh: a cheannaghtha gartha mar bheadh ar fhear bhreágh. Níl aon sciamh bóthair (taistil) ort: ní ins na sean-bhalcaisidhibh sin do ghluaisfeá an eadh?: crot .i. níl an chulaithirt ort is gnáth do shamhlughadh lé duine a bheadh ar tí taistil. Ní dhearbhóchainn gur b'é a bhí agam (ann) dá amhrasaighe atáim de mar ná fuaireas aon amharc ar a sciamh, a dhrom a bhí liom: a cheannaghtha: éagcosc. Toisc an doircheacht a bheith ann agus a fhaid a bhí an rud uaim nílim deimhnightheach ar sciamh dhuine a chonnac cé gur thaidhbhsigh sé árd-chosamhail leis: dealbh. Ná taithnigheann mo sciamh leat?: deallramh. Cailleann fir an t'anam ar son scéimhe mná: fuilngid bás ar son a háilne. "Connus tá ag dul do?" – "fé scéimh": go hiongtach ar fad. Is minic sciamh mealltach .i. ní mar thaidhbhsigheann duine go minic do bhíonn sé in ao'chor. Sara scarad mo lámha leis cuirfead sciamh air, nighfead is glanfad é, triomóchad is cuirfead an t-iarann air: cuma thaithneamhach. Cuireann clathacha maithe, cosanta sciamh ar fheirm thalmhan: deallramh taithneamhach. Cad air gur tuar é do bhí sciamh na bhflaitheas uile croidhearg ar maidin indiu: aghaidh. Ag tagairt do sciamh eile mhna táim, sciamh na finne: clódh áirighthe.

sciamhach: *a.* áluinn, deagh-chrothach, líomhtha, taithneamhach leis an súil, bláthmhar, órnáideach. Iompuigh tímcheall chugham, dar fiadh, is fiú féachaint ort sa ghabháil nuadh san, táir sciamhach amach is amach: áluinn. Thabharfainn m'anam ar a son, bhí sí ar an mnaoi budh sciamhaighe dá bhfeaca riamh, garthacht a haghtha silleadh a súl, luisne a ghruadh, budh radharc iad: b'áilne. Is oth liom mo chuid scríobhnóireachta do bheith chómh neamh-sciamhach san is gur deacair é do léigheamh: neamh-chúmtha, neamhshlachtmhar. Tagaim leat air, nách mór an t-antar an ceanntar so agus an chuma mhí-sciamhach atá air, carraigeacha, achrann, riascanna, gleannta: neamh-thaithneamhach leis an súil. Tá an dúthaigh ar fad go sciamhach feadh an bhóthair iarainn, budh bhréag leat dearcadh uirthe: taithneamhach, so-amhairc. Corn sciamhach do bhuaidh an bhuidhean peile, craobhacha, mórchuid oibrighthe air: órnáideach. Cósta mí-sciamhach seadh é maidir lé loingseóireacht, carraigeacha, fochaididhe is gainne cuan: gránda: cósta ná téidheamhóchadh do chroidhe leis. Bíonn na fuinneóga chómh sciamhach aca i gcóir na Nodlag 'sis féidir leó d'fhonn na ndaoine do tharrac: feistighthe go taithneamhach, so-amhairc. Gluaiseann bád fé sheól lé cóir mhín chómh sciamhach lé rud ar an dtalamh: líomhtha: ar chuma mhín, a thaithnigheas thar barr leis an intinn. Sé a bhfuil de mhaith ann an chuma sciamhach a chuireann sé air féin, beagáinín den mbuachaill Domhnaigh ag baint leis: an crot gaigeamhail a thugann air féin ina ghléasadh. Éan sciamhach ar uisce an eala: cuma líomhtha, thóirtéiseach uirthi. Cathair sciamhach Áth Cliath i ngabhal an chuain ós na sléibhtibh: fíor-thaithneamhach.

sciamhacht: *b.3.* áilne, breághthacht, gleóidhteacht, taithneamhach. bláthmhaireacht, órnáididheacht. Lé n-a sciamhacht dar léi, tá an meas go léir fúithi is dócha: lé n-a bréaghthacht: a háilne. Tá sciamhacht ina chodladh innte, mheallfadh sí na céadta: breághthacht innte seachas an méid a cidhtear. Bhuaidh an madra an duais lé sciamhacht a fhionnaidh, é fada mín, deagh-dhathach: breághthacht: slíogacht. Dá luighead é a sciamhacht, mhairfeá ag dearcadh air: a ghleóidhteacht. Shiubhalófá tamall maith sara bhfaghthá áit a sháróchadh ar sciamhacht an bhaill seo; féach uait i ngach áird ar an bhfairsinge is ar an aoibhneas: áilne: an crot taithneamhach atá ar uachtar talmhan is mara. B'iongtach iad an sean-dream chun sciamhacht do thabhairt ar áraistidhibh airgid: craobhacha órnáideacha d'oibriughadh ionta.

sciamhadh: *f.* (*-mhtha*) áilniughadh, bláthughadh, d'órnáidiughadh. Ag sciamhadh an gháirdín lé bláthanna is crann ubhall do chur ann: ag tabhairt breághthachta air. Ní sciamhadh ort an bheart sprionnlaithe seo, ní móide meas na ndaoine ort: ní hórnáid duit do ghníomh. Ag sciamhadh a fuilt lé híle is lé haire: ghá breághthughadh. Ghá sciamhadh féin lé fáinnidhibh is slabhraidhibh óir is airgid: ag tabhairt crota níos geanamhla leis an amharc uirthi féin: maisiughadh.

sciamhaim: *b.a.* ₇ *n-a.* (**sciamhuighim**) breághthuighim, áilnighim, taithneamhuighim, órnuighim, maisighim, suaithnighim. Sciamhóchaidh an ceanntar ar theacht an earraigh, imtheóchaidh an dath báidhteach den dtalamh is gorm-ghlasóchaidh sé: tiocfaidh breághthacht ar a chlódh. An t-éadach is breághtha in Éirinn agus is mór an focal é, ní sciamhóchadh sé do dheallramh gránda, mío-thaithneamhach: ní bhreághthóchadh. Sciamhóchadh cuid bheag í tá sé innte ó dhúthchas: thabharfadh cuma áluinn uirthi. Is gránda an áit go deimhin ná sciamhuigheann leis an samhradh: ná taithneamhuigheann.

An ghaiste is an t-aol sciamhóchaid an tigh: béarfaid cuma áluinn air.

sciamhdha: *a. n-dh.* áluinn, maiseamhail, líomhtha, taithneamhach. Muna gcuireann sí cuma sciamhdha uirthi féin i gcóir breithnighthe fear, ungadh, púdar, cíoradh is giobadh, ní lá fós é: maiseamhail, taithneamhach. Is so-amhairce an raga capaill sin culaithirt sciamhdha do chur air: culaithirt a thabharfadh deallramh maith air. Clódh sciamhdha ar an bpriochán cois dearg, budh ghleóidhte leat féachaint ar a ghob is a chrobhanna dearga, a chlúmh 'sa chleitidhe dubh-ghorma: maiseamhail, taithneamhach.

sciamhamhail: *a.* áluinn, líomhtha, maiseamhail, taithneamhach. An sciamhamhla í an t-airgead do bheith aice?: an breághtha í da bárr?: an iontnútha í? Pé táilliúir a dhein do chuid éadaigh ní haon náire dho í, tá sí ort go sciamhamhail: maiseamhail: cuma ghreanta uirthi agus ort dá bharr. Bean ag rinnce, capall ina sháin-rith, long fé láin-tseóil, cad is sciamhamhla 'ná iad?: taithneamhaighe.

sciamhughadh: *f.* (*-uighthe*) breághthughadh, áilniughadh, maisiughadh. Is mór go léir an sciamhughadh ar an ngáirdín an fiadhaile do ghlanadh as: an chuma níos maiseamhla, níos greanta leis an súil. Sciamhughadh ar an bparróiste na tighthe nuadha so atá tógtha ann, ní hionann is na sean-bhathalacha a bhíodh cheana: áilniughadh: maisiughadh. Ní haon sciamhughadh orm an fhéasóg so, spealfad í, táim im sheódh bóthar: aon fheabhsughadh clóidh ná féachana.

sciamhuighthe: *a.r.* ailnighthe, breághthuighthe, maisighthe. Na fallaidhe is na fuinneóga sciamhuighthe i gcóir na Nodlag le haidhneán is bláithfhleascaibh: cuma ghleóidhte, ghreanta tugtha ortha. Sciamhuighthe ar an dtuath seadh na crainn bhreághtha úd: breághthughadh: rud a thugas breis mhaise ortha. Sciamhuighthe ar do bhreághthacht an hata san: maisiughadh: feabhasughadh.

scian: (*focal níos taithneamhaighe do "diabhal"*) Th'anam 'on scian! féach, cé tá chughainn: dar fiadh! M'anam 'on scian mara leigtear dom go mbeidh marbh dhuine éigin orm: an diabhal go n-árduighidh leis me, etc. M'anam 'on scian, dá (mbudh) me thu ná leigfinn mo bhuille choidhche leis: b'fhearr liom sa diabhal me féin. M'anam 'on scian go bhfuil agam: lé lúthgháir.

scian: *b.2.* úirlis ghearrtha go lannsa fada, cómhnaidhtheach, géar aon-fhaobhair agus cos ghearra; duirc, faobhar, ciumhais ghéar, thanaidhe; faobhar ar chainnt nó ar shilleadh súl. An scian atá tuillte ag an anchúinse: é ina dhroch-dhuine chómh mór san nár bh'aon dochar é do sháthadh. Tabhair an scian air!: gearraidh gan mhoill (léi) é. Chuirfeadh sé an scian ionat: ní hiontaoibh é ná go ndéanfadh aon droch-rud leat a thiocfadh ina cheann. Raghaid ar na sceanaibh lé chéile mara gcosantar iad: troidfid leo: féachfaid cath leó. "Téighir ar do sciain", ars an t-oileán lé n-a chaomhna leapan chun breis slighe do bheith aca: dul ar a cliathán. An té go bhfuil scian aige feannadh sé: an té go bhfuil úirlis nó gléas oireamhnach aige chun gnótha oibrigheadh sé. Gach aon nidh dá fheabhas aca go maididhe scean: flúirse den uile shaghas a theastuigh. Scaoil sé an scian ar na líontaibh lé holcas na huanach: ghearraidh sé iad nó an téad a bhí ghá gceangal .i. téad chinn lín. Daoine fiadhaine mar thugaimíd-ne, daoine bána, ortha go mbíonn crom-sceana ag troid

aca: scian mhór i bhfuirm gearr-chloidhimh an faobhar ón dtaobh amuigh uirthi: an saghas cloidhimh is dual dos na Turcaigh, na Peirsigh is na hArabaigh. Báisteach ag tuiteam mar bheadh sceana gréasaidhe: go tiugh, dúluighthe, géar, nimhneach. Bhíodh scian cháis ar iomchar aige, a thug sé leis ó Mhearaice, is níor bh'aon iontaoibh léi é: scian a théigheadh isteach i gcás i neamh-earraidheacht, is a néadh cos di in earraidheacht. Scian Nodlag .i. a déintí sa bhaile de smut d'fhonnsa: nó a leithéid is cos adhmaid innte, do leanbhaidhibh. Scian fheannta: chun croicinn nó seithe do leagadh. Scian fonnsa .i. a bhíos ag soightheóir. Scian phóca .i. scian bheag iomchair. Scian bhúird .i. chun aráin, feóla, etc. ar clár ithte. Scian sciolltán .i. chun prátaidhe do scoltadh chun síl. Scian bhearrtha: rásúr. Scian ghabáiste: ceann mór chun gabáiste do mhion-ghearradh. Scian collóg .i. chun adhmaid, etc. do mhionughadh. Fuair sé ropadh scine, a chuir deireadh leis: sáthadh. Cad chuir an scian ina shúil? ar cuireadh aon eagla mór riamh air?: scáird: féachaint fhaidhain. Daoine muinnteardha mhná an dochtúra a chuir cos ina sciain mar b'iad budh bhun lé n-a fagháil na bearta san: a shocruigh i gceart é. An oidhreacht throm a thuit isteach air a chuir cos ina sciain, mara mbeadh san b'fhusa breith ar earball air: a dhein fear de: a chuir os chionn a chumais é. Scian fheamnaighe .i. mar bheadh speal bheag is crann fada innte chun a sáidhte 'on tsáile ag baint na feamnaighe léi. Sceana mara: iascáin fada chaol dhá-shliogánacha ghéara i gclódh coire rasúrach. Chuaidh sé fé sciain i gCorcaigh in ósbuidéal maith: fé obráid ag dochtúir. Chuirfinn mo cheann fén sciain ná déanfadh sé é: leigfinn an ceann do scriosadh dhíom. Seachain tú féin air sin, tá scian air: faobhar: tá sé an-ghéar. Maithim di, tá scian uirthi (ar a teangain): tá faobhar cainnte ar a teangain: nimh ar gach focal aice. Tá an beithidheach san oireamhnach don sciain: biadhta, cothuighthe a dóthain lé marbhadh. Is fada an scian aige ionam: é ar mo thí: fonn air mo dhíth do dhéanamh. Scian iascaire oireann go géar do ar eagla géibhinn: aon mhaith níl ann gan é. An bád ag gluaiseacht tríd an uisce ar nós na scine: ag gearradh na slighe roimpe. An bád tairngthe ar nós na scine chun tosaigh: tosach géar. Bain an scian ded ghuth .i. labhair go cneasta sítheach. Bíd ar sceanaibh chun a chéile ar an gcéad amharc: fonn catha.

scian-: *i gcómhfhocalaibh* géar, caol, bioranta. Caoire scian-adharcacha a gheóbhfá ar shléibhtibh na dúthaighe seo: go n-adharcaibh fada, géara. Scian-adharca air: caol, géar. Brusaire scian-aghthach, nár thaithnigh a chlódh ná a ghlór liom: aghaidh chaol, thairngthe. Chuir sé scian-shúil ionam, budh dhóigh leat go raibh marbhadh duine air: thug sé amharc géar, cruinn orm. Na scian-loirgne atá uirthi, ghearrfaidís tobac duit: an cnámh agus faobhar air. Is léir gur suarach a gheibheann an scruitín capaill seo lé n-itheadh is an scian-chnámh droma air: cnámh caol, géar gan feóil air. Bean scian-theangthach ná fágfadh thíos ná thuas ort é gan bearradh: nimh-theangthach.

sciath: *b.2.* lúireach cosanta i ndéanamh croidhe in-iomchair; cosaint, dídean; cosantóir, ciseóg, sciathán, earóg; frighe fighte; scláta shlinn cruinn, adhmaid, mhiotail, stáin, etc., is fás-cheasa air chun rudaidhe d'iomchar. Bí mar sciath cosanta agam, a Mhichíl Naomhtha, in aghaidh malluigheachta an diabhail: mar fhalla cosanta. Thug sí isteach na gloinidhe folamha is an buidéal beathuisce ar scéith: árus mar bheadh cearn, bíd go hiomadamhail i dtighthibh tábhairne. "An raibh an bád doimhin lé hiasc?" – "bhí sí ar scéith": ar slinn leis an uisce. Sid í an tríomhadh bliadhain ag buadhachtaint na scéithe ag an scoil: duais eangach i bhfeirm scéithe a bronntar ar an scoil is fearr ar adhbhar

áirighthe. Ghlac sí fé n-a scéith me, mara mbeadh san dob é Tigh na mBocht mo stáitse: mara mbeadh a cabhair is a cóngamh b'é an áit sin mo dhán. Scaoil amach na prátaidhe ar an scéith go bhfuaraid: ar birrdeóig déanta (fighte) de thuigthibh. Chonnac gan aon bhréag amhailt fharraige go raibh dhá scéith ar a drom: dá earróig mar bheadh seólta beaga. Eiteallán aon scéithe: gan ach aon eiteóg amháin ar gach taobh ar nós an éin. Tá sé ar scéith agat: lán go béal.

(buaileam) sciath: *f. n-dh.* Buaileam sciath duine: fear a bhíos ag maoidheamh as a ghaisce nó a bhíos glórach, bagarthach leis an laige. Budh dhóigh leat air sara ndeachadar i gcath leis an ndúthaigh eile go ndéanfaidís scrios ortha, ach ní dheárnadar - buaileam sciath dob eadh é: cainnt mhór aige is mogaill fholamha: scailéathanaidhe: bladhgaire. Lé tamall ó fuair sé an beart san, tá sé ina bhuaileam sciath: gothaidhe móra fé is é ghá chur féin in iúil. Níl ionat ach buaileam sciath .i. cainnt is bladhgar gan cur leis.

(buailim) sciathacht: *b.3.* bladhgar, scailéathan. Cá bhfuil an buailim sciathacht a bhí indé: an maoidheamh bladhgarach as na héachtaibh do dhéanfá. Cuireadh an buailim sciathacht tríd siar, níor thug sé aon tseasamh uaidh: níor chomhall ar a mhaoidheamh é.

sciathach: *a.* go sciathán. Bíonn gach eiteallán sciathach, caitheann bheith chun a coimeád in ionannas san aer: sciathánach: eiteógach.

sciathadh: *f.* (*-ththa*) cosaint, folach. B'fholláin duit an sciathadh atá agam-sa dhá dhéanamh ar do bheartaibh lé fada, mara mbeadh san is fadó bheifeá fé ghlas: an folach is an chosaint ar iad a bheith fachta ag an gcoitchiantacht. Is eól don lucht ceannais cé is bun leis an gcoir ach táid ghá sciathadh: ghá choimeád fé chosaint. Is maith í an chasóg leathair sin chun duine do sciathadh ar an bhfuacht is ar an sín: do chosaint (saoradh). Dia ghom sciathadh ar an anachain, duine dearóil mar me: ghom choimeád ó bhaoghal. Eitealláin ag sciathadh an loingis cogaidh: ghá gcosaint ar fhogha ón aer.

sciathaim: *b.a.* cosnaim, gárdálaim, tugaim tearmann do. Gach uair a sciathaim thu geallair dom go mbíonn deireadh agat ag cionntughadh airís ach ní mar sin mar bhíonn: a chosnuighim thu ar do lucht tóra. Sciathaidh me, a Dhia, ar namhadaibh mh'anama, ná leig dóibh me do chlaoidhe i bpeaca: cosain me: tair idir me agus iad. Sciathann an scláta gloinne sin an t-iománaidhe ar an ngaoith: coimeádann uaidh í. Ná bíodh aon sceitimínidhe ort rómpa sciathfad-sa thu: cosnóchad.

sciathán: *f.1.* eite, ceann des na géagaibh tosaigh idir chnámh, chlúmh is chleite lé n-a n-eiteallann éan; an ball (seicne) lé n-ar féidir lé feichid, bás dorcha, etc. é féin do theilgean tríd an aer; ceann des na basaibh móra leathana lé n-a dtacuightear eiteallán san aer; tógáil i ndéanamh sciatháin ceart-uilleanach ar an mór-thógáil; taobh léibhinn (árdáin); gléas ar lúdrachaibh ar thaobh cóiste chun cos do leagadh i sos air; scleóndar; lúthghair. Gob fé sciathán: ina chodladh. Glac féd sciathán é go n-éirighidh sé suas, déanfaidh san fear maith fós: féd chosaint is chóngamh. Budh dhóigh leat gur sciatháin a bhí air ag dul 'on arm do: lúthgháir mhór. Tá sciatháin an aimsir seo air go bhfuair sé an duais iongtach úd: ní heól do go bhfuil a chosa ag bualadh ar an dtalamh, tá an oiread san éirghe croidhe air. Dá mbeadh sciatháin orm, ní bheinn annso níos luaithe .i. deabhadh an domhain atá

déanta agam. Féach cé thiocfadh eatartha, iad gob lé sciathán lé chéile: an-bháidheamhail: an-mhuinnteardha. Dá méid an meas agus an réim atá fé ní ró-dheacair baint dá sciatháin: teóra do chur leis: baint dá réim. D'fhágas na caoire ar an sciathán: guala chnuic a bhíos sínte amach i bhfuirm sciatháin éin. Leig anuas sciathán an chóiste: gléas adhmaid go mbíonn dhá chliathán, bonn is cúl ann ceangailte ar shuidheachán cóiste lé lúdrachaibh. Sciathán leathair (oileathair?): fáinleóg, bás dorcha .i. ainmhidhe beag sineach oidhche i gcumraidheacht luiche. Tá sciatháin mhóra fé indiu, ach ní fheadar-sa an fada ó bhaile bhéarfaidh siad é: fuadar árd is líonrith i dtaobh ruda éigin nár dhual do nó lé hiomad tóirtéise as féin. Ní mór an mhaith san rotha ach an méid atá ina sciathán: an liopa a shearas amach ón dá thaobh i bhfeirm scéithe agus a thacuigheas léi chun snámha. Is seólta ghluaiseann an fhaoileann ar an sciathán: ag eiteall. Tabhair dom sciathán tobac .i. mar d'éireóchadh ina bhilleóig lét iongain. Cuireadh sciathán nuadh ar an ósbuidéal lé déidheannaighe: breis leis amach ó thaobh. Bíonn dhá sciathán ar gach ughaim gabhtha ón dtaobh amuigh lé dhá ghad: bíonn ruibín adhmaid thíos fé chúl go tosach na hughamach chun a choimeádta iadhta nó chun an ualaigh do leigeant. Céaca is fearr leat – sciathán nó cos sicín? "Dá mbeadh dhá sciathán orm i dteannta dhá láimhe bheinn go maith", deir duine a bhíos ar a dhícheall is go mbítear ag luathughadh air (searbhas). Ná leath do sciatháin ró-fhairsing: ná leath do bhrat ach mar is féidir leat a chonnlach: ná teighir thar do riocht lé tionnscal.

sciathánach: *a.* go sciathánaibh, fairsing. Cóiste sciathánach: go mbíonn gléas sosa cos ar a dhá thaobh. Rotha mór, sciathánach: go mbíonn liopaidhe móra fairsinge ar a dhá chliathán. Ná bí ró-sciathánach go fóill, dhéanfadh leath an mhaoidhimh thu, níl an cluiche buaidhte fós agat: ró-lúthgháireacht. Ghluaiseadar chugham go sciathánach in árd an tráthnóna ag triall ar an gcóisir dóibh: fuadrach, glórach.

sciathóg: *b.2.* birrdeóg éadoimhin. Sciathóg éisc, phráta: ciseán déanta de thuigidhibh. Níl id nadhbhóig ach sciathóg: ró-éadtrom, tanaidhe, sceathrach. Oidhche na Coda Móire nuair bhíonn cruacha ar na sciathógaibh: prátaidhe go flúirseach ar chiseánaibh tuigidhe.

scibhéir: *f.3.* blúire, caol biortha adhmaid le sáthadh i bhfeóil chun a coimeádta in ionad chun a bruithte, nó chun baoite do choimeád i mbéal pota gleamach.

scibín: *b.4.* bean tighe cruinn sprionnlaithe. Scibín ná leigfidh puinn uaithi.

scibirlín: *f.4.* giobal, ceirt. Scibirlín duine nách fiú a bhéile chun oibre: duine leibideach. Scibirlín de bhlúire talmhan aige ná mairfeadh gabhar air. Tá mo sheól imthighthe ina scibirlínidhibh, níl luid lé chéile dhe: ina ghiobalaibh, ghéiridheachaibh: ina stróiceannaibh.

scleachán: *f.1.* gioblachán. Táim imthighthe im scleachán tá oiread dem chroiceann leis is atá clúduighthe: gan orm ach preabán is giobail. Má bhí an dath amháin éadaigh ar an scleachán bhí na céadta: preabáin is giobail ar mhalairt datha anuas ar a chéile.

scige: *b.4.* fonmhóid, magadh, cnáid. Leigeadar scige fúm nuair shleamhnuigheas is buaileadh ar phlaic mo thóna i lár na sráide me os chómhair an phobail: gáire magaidh.

Ní fhéadfá gan scige do dhéanamh fé bhí cuma an tseóidh chómh mór san air: gáire magaidh. Ag scige bheidís fút tar éis do choda do chaitheamh ortha: gáiridhe fonmhóide féd chuid amadántaidheachta. Má dhéinir oiread agus fáth scige fúm brisfead do chorrán: aon chnáid do déanamh. Is mór an scige bheidh ortha nuair chloisfid go raibh an traen imthighthe orainn is a dheimhnightheacht do bhíomair go mbeimís in am: an chleithidheacht mhagaidh suilt.

scigeamhail: *a.* magamhail, fonmhóideach, tarcuisneamhail, achmhusánach. Labhair sé go scigeamhail liom, ghá rádh gur mhaith an deallramh a bhí orm agus me ag tuiteam as mo sheasamh leis an ocras: go magamhail. Ná bídh scigeamhail fé dhuine bhocht atá ag siubhal roimis: ag déanamh ceap magaidh de. Leigeadar gáire scigeamhail fé toisc a oilceas a bhí sé gabhtha: gáire fén droch-aiste a bhí air. Ní maith liom tú bheith scigeamhail fém chuid talmhan ghá rádh go bhfuil sé go saidhbhir is gan tabhairt an phráta ann: ag déanamh seóidh díom: ag leigeant air bheith i ndáiríribh is gan é. Ní fhéadfadh éinne bheith scigeamhail fén rinnce sin: magadh do dhéanamh de: bheith ag gáiridhe fé n-a olcas.

scigire: *f.4.* magaire; tithire; aisteóir; áilteóir. Ná bí id scigire bheag mar ruidín gan chéill ag gáiridhe fés gach aon rud beag seafóideach: sciotaire: duine a gháireas lé forcamás: tithire. Scigire fén righaltas thusa, is cuma cad a dhéanfaidís: tithire: duine a dheineas magadh ar son magaidh: magaire gan fuaimeant. Aon tairbhe ní dhéanfair choidhche ar scoil faid agus bhír id scigire mar táir: magaire beag gáiridhe fés gach aon rud a thuiteas amach nó a deirtear. Ná cuirtear aon tsuim ann, níl ann ach scigire ní mheádhann sé leath a n-abrann sé: duine a ghníos fonmhóid gan droch-aigne, nó lé fonn tarcuisne, áilteóir.

scigireacht: *b.3.* magaireacht, fonmhóididheacht; tithireacht; áilteóireacht. Bhíodar ag scigireacht sa chúinne fés gach aon amhrán mar bheadh leanbhaidhe gan chiall: tithireacht: gáiridhe nách lé sult ach lé ceal tuisceana. Ná gáirfeá go breágh, galánta is gan bheith ag scigireacht: ag gáiridhe go leamh nó dar leat go magamhail. Níor bh'fhada an mhoill orm-sa tú chur in áit éigin eile léd chuid scigireachta: miongháiridhe lé meas nó lé háthas. Lean den scigireacht is beir go maith .i. ná dein ach fonmhóid des gach nidh is beidh a fhios agat fós cad í an chrích a bheidh ort. Ag sceathaireacht 'sag scigireacht a chaithimís an aimsir nuair ná bíodh an máighistir láithreach: comhchainnt is miongháire.

scil: *b.2.* clisteacht intinne, gaois, eólas as thaithighe, oileamhaint, is géaraidheacht, aiclidheacht géag, etc. Tá an scil san aimsir agat, cad tá ar an néall dhorcha san thoir thuaidh orm?: gliocas intinne chun tuara do dhéanamh nó fáistine dréir cómharthaidhe. Fiafruigh de súd cad budh cheart duit do dhéanamh léd chapall, tá árd-scil aige ionta: tá eolas maith aige ar connus ionnramháil cheart do thabhairt dóibh ar mbeith goirtighthe dhóibh. Dochtúir seadh é go bhfuil scil mhór aige i dteannta an taithighe: gaois chun dul amach ar iomardaibh agus connus úramh do thabhairt dóibh. Cuir ag gabháil den rud ná feacaidh sé riamh roime sin é is tá scil aige ann: géire chun pé rud a bhíos bunoscionn leis do thuigsint agus cad é an déanamh is fearr d'oirfeadh do. Admhuigheann an saoghal gur mór é scil Romail i gcogadh ar a fheabhas atá catha curtha aige: éifeacht agus tuigsint agus eólas connus fir is armáil do riar. Chrom sé ar spreóitseáil do dhéanamh ar mo mhéir thinn ar nós aon dochtúra ag leigeant air go raibh scil aige: eólas is éisteacht leighis.

scile: (**scille**) *b.4.* sciolladh, gráine, cruithneacht, arbhar etc., do nochtadh; arbhar nochtuighthe. Ag scile choirce: ghá bhaint as an gcochall, crotall, rosc. Scile cruithneachta: cruithneacht as an gcochall.

scileach: *f.1.* streall bheag uisce i mbainne, beathuisce etc. Cuir scileach beag san mbeathuisce, ná déin ach san, ámhthach, tá sé lag a dhóthain cheana: diúirín. Caith scileach a fhuarfaidh é: streall uisce.

scilléad: *f.1.* corcán beag iarainn nó copair. Caithfear an scilléad do choimeád ar siubhal: an pota ag bruith (beirbhiughadh). Ag tuilleamh don scilléad: ag déanamh tuarastail chun bídh do cheannach.

scilligeadh: *f.* (*-gthe*) sciolladh, baint an chrotaill, an chochaill, an mhogaill, nó na faighneóige den ngráine; garbh-mheilt; cumadh éithigh nó bréag ar nós muilinn ag meilt. Níor cheart puinn ceann do thógaint den rud a deir seisean, tá sé tugtha don scilligeadh: do bheith ag cur as gan puinn measa ar an bhfírinne aige. Bheadh san ag scilligeadh go maidean duit: ag cuma 'sag ceapadóireacht ar dhuine is ar rud duit. Chuirfeadh sé crithniughadh ort annsúd ar chlár na mionn ag scilligeadh éithigh, gan duadh gan náire: ag scaoileadh éitheach ina shruth uaidh díreach mar bheadh duine ag táitheadh choirce nó muileann ag meilt gráinne. Ní bheinn ag scilligeadh an lae leat, ní fiú liom ort é, gheóbhainn rud éigin lé déanamh budh thairbhigh dhom ná bheith ag tabhairt aighnis duit: ghá scaoileadh ina roithleach. Ag scilligeadh bhréag ar mo thoil do, is cheap gurbh í an fhírinne ghlan a bhí agam: ghá n-innsint ceann ar cheann. An ag scilligeadh ataoi?: an ag cumadh na nuadhachta so ataoi? Bí aireach, is minic a sceinneann gráinne ón scilligeadh: is minic go scéidheann an t-éitheach air féin de chion focail. Ná bíodh aon mhilleán agat orm, dheineas mo dhícheall, nách minic a chualaís go sceinneann gráinne ón scilligeadh: nách féidir lé haon rud a bheith iomlán ar fad nó fíorcheart. Ní chreidfinn aon fhocal uaidh, tá sé luighte chun scilligthe ar fad: gan aon mheas aige ar an bhfírinne.

scilligeálaidhe: *f.4.* sciolladóir; duine a bhaineas an mogall nó an fhaighneóg de ghráinne; sceathaire; giobstaire; glagaire; brasaire; cabaire. Ó, léan air, go maithidh Dia dhom é, níl ann ach scilligeálaidhe nár cheart focal fén gcéad do chreideamhaint uaidh: duine a bhíos ag síor-chainnt, ag trácht ar rudaidhibh ná bíonn is ná raibh riamh i gceist. Má bhíonn scéal ag éinne beidh sé ag an scilligeálaidhe seo: sceathaire: glagaire .i. mara mbíonn ann ceapann é.

scilligeóir: *f.3.* duine a bhaineas an cochall de ghráinne, sceathaire gan aon ghéilleadh, suim ná áird aige ar an bhfírinne. Níl aon scilligeóir annso tímcheall an chogaidh ach é: duine a bhíos ag ceapadh cath is cómhrac as a cheann féin. "Is iongtach na scéalta a bhíos agat 'e bhreis ar éinne eile" – "ní haon droich-scilligeóir thu féin": ceapadóir gan géilleadh don bhfírinne. Sé an scilligeóir éithigh is neamhscropallaighe dár thiomnuigh riamh os chómhair giúistís, sin í mo bhreith mhacánta air: bréagaire líomhtha, slachtmhar.

scilligeóireacht: *b.3.* stealladh éithigh, ag cumadh 'sag cur le; ag baint an mhogaill de ghráinne. Budh mhór an scilligeóireacht do a rádh go raibh trí chéad púnt fiach air

d'fhonn is go mbeadh truagh dho is go ndéanfaidhe bailiúchán ar a shon: ceapadh bréag gan aon scropall. Thugas an lá ag scilligeóireacht do ar Bh'l'Áth Cliath is chreid ina fhírinne ghlan gach aon fhocal dár chumas do: aithris áidhbhéil ná raibh i gceist. Scilligeóireacht, a bharránaigh! d'aithneóchainn an t-éitheach dearg ag sceinneadh as do bhéal: cumadóireacht ó thúis deireadh.

scilligim: *b.a. 7 n-a.* bainim an crotall, mogall de ghráinne, pónaire etc.; cúmaim, ceapaim bréaga, éitheach, eachtraidhthe (ar). Scilligeóchadh sé rudaidhe ná smaoineóchadh duine eile choidhche ortha: cheapfadh is scaoilfeadh amach iad chómh bog sonaoideach is mheilfeadh muileann gráinne. Scillig leat, ní chreideann éinne annso thu: bí ag cur asta. Scillig sé dhom, nó ar dhein go dtáinig eachtrannaigh éigin i dtír is gur gabhadh iad: d'inns sé bréag dom. Scilligeann sé an lá ar an gcuma so ag gíotáil thall 'sabhfus gan aon rud d'áird do dhéanamh: caitheann sé an lá ina roithleach: meileann sé é. Scilligfeadh sé éitheach as a bholg mar ritheann uisce lé fánaidh: chúmfadh go bog, gan scropall cad air ná cé air go mbeadh ag trácht. Táir ag déanamh go hiongtach, a dhuine, suidhte ar do thóin annsan, scillig leat an tráthnóna: meil leat é go díomhaoin. Ithidh i gceart na prátaidhe sin is ná scilligidh iad: ná déinidh sceanthairt ortha. Ná scillig orm: ná hinns éitheach.

scilligthe: *a.r.* bainte as an mogall, crotall, rosc; ithte nó an chuid is fearr de ithte is an fuighleach gan mhaith; meilte; bréagaithriste. Min scilligthe: meilte. Ní mór an mhaitheas dómh-sa ar fhágabhair, an chuid is fearr de scilligthe agaibh: tógtha is ithte nó ídighthe. An bhfuil deireadh na mbaoitidhe scilligthe agat?: gabhtha tríotha is an rogha ídighthe. Go saoraidh Dia sinn! a dhaoine, ach a bhfuil scilligthe ó tháinig sé aige, connus a chuimhnigheann sé ar a leath: cúmtha, innste ina éitheach. "An bhfuil mórán bídh i dtaisce agaibh?" – "ní fada uainn deireadh bheith scilligthe againn": ídighthe: gabhtha thríd nách mór. Tá a raibh ina bholg scilligthe anois aige: an méid bréag is cumadóireachta gur bh'fhéidir leis cuimhneamh air. Féach an íde atá ar an gcoirce ges na cearcaibh, é go léir scilligthe aca: cuid mhór de ithte is an chuid eile laitighthe.

scilling: *b.2.* bonn airgid bháin ionann is dhá phinginn déag nó an ficheamhadh cuid de phúnt. Nigh sí í féin go raibh sí chómh glan lé scilling: gléas lé glaine innte. Cheannóchadh scilling é: is furaiste é do bhreabadh. An té ná tugann aire don scilling ní bheidh sí aige: an té ná bíonn aireach ar a chuid airgid béarfaidh an lá air go dteastóchaidh sé go dealbh uaidh. Coimeád na pinginne cailleamhaint na scillinge .i. cnuaisciúnach i dtaobh rud beag, scaipightheach i dtaobh rud tábhachtach. Scilling leat go bhfuil dearmhad ort: cuirfead í mar gheall leat. Chuaidh an chasóg chúig phúint scillingidhe éigin: breis is na chúig phúint. Thugas mo scilling gheal air sin, oiread agus nách fiú é: iomlán. An mbeadh scilling bhán agat?: an bonn féin. Trí scillinge ina airgead ruadh: luach an méid sin de phingnidhibh, etc.

scim: *b.2.* mothúilt, imshníomh, corruighe; áthas, aoibhneas, néall, mairbheacht. Tháinig scim orm cois na teineadh tar éis proinne is níor bhraitheas éinne ag teacht isteach: sámhán codlata. Is gleóidhte chuireann sé scim ar bhróig, is maith an gréasaidhe é: críochnughadh: slacht. Gheóbhair amach gur togha ainmhidhe an capall san, gan scáth gan scim: ní thagann sceit ann is ní bhíonn ag grúntáil codlata. Scim éigin tagtha ar an

ndúthaigh gurb éigean iad do mhúscailt chun curadóireachta in aimsir gábhtair mar seo: mairbheacht is manaois. Ar an bhféachaint shnoidhte atá air tá rud éigin ag déanamh scime dho: imshnímh is buadhartha. Leig sé dho féinig ach go háirighthe, níl sé ag déanamh aon scime dhuit-se: é ag cur aon bhuaidhrimh ort: ní pioc ded chúram é. Tá scim ar mo shúilibh nách follus dom puinn: scamall. Bailigh an scim sin den súp: an barra brúch: cubhar a thagas as bheirbhiughadh nó ghéarughadh: an salachar a éirigheas ar barr.

scimeach: *a.* néallach, smúiteamhail, imshníomhach, líonritheach, suaidhte. Pé rud do dhéanfaidh an aimsir tá an spéir scimeach a dóthain, níl amharc ar ré ná ar réilthín: clúduighthe: scamallach. Tá an bainne seo beirbhthe a dhóthain, féach scimeach é: cubhar ina screamh tagtha ar a bharr. Táthaoi an-scimeach ina thaobh, ní fuláir nó cuireann sé buaidhreamh éigin ort, bír go minic ag cur a thuairisce: imshníomhach. Ní bhainfidh an fuacht aon ghreim asat ach an oiread lé héinne eile, nách scimeach ataoi?: cúramach, imshníomhach.

scimeáil: *b.3.* an barra do bhaint de lionn, an t-uachtar de bhainne, an cubhar de rud; rith ar uachtar uisce. Ag scimeáil na mbeistidhe: ag baint an uachtair den mbainne ortha. D'imthigh an leac ag scimeáil ar bharr an uisce: ag bualadh fiar-sceó, ag éirghe, ag athbhualadh, 'sag aithéirghe faid mhaireas an fuinneamh. Lé neart rámhaidheachta chuireadar an bád ag scimeáil ar an uisce: lé siubhal is luathas.

scimeálaim: *b.a. ₇ n-a.* sleamhnuighim de lé fuinneamh, bainim an cubhar nó an t-uanán de leann, etc. Scimeáil an beiste (bainne): bain an t-uachtar de lé scáiltín nó muirghín. Tá an nadhbhóg san chómh líomhtha go scimeálfadh sí ar an uisce dhuit: d'imtheóchadh go héadtrom, pras. Budh mhór é an sult do bhainimís as leicínidhibh do chur ag scimeáil ar linn an chuasa lá chiúin: ag poc-léimrigh.

scimeálta: *a.r.* "beárrtha", an cubhar, uanán, uachtar bainte dhe. Bainne scimeálta: bainne bearrtha .i. go mbeadh an t-uachtar sciobtha dhe. Is agat atá an goile, tá a raibh againn scimeálta agat: bailighthe leat.

scimeal: *f.1.* uanán, cubhar, scannán, figheachán. Bain an scimeal den ubh: an croiceann lag. Ní fhéadfá baint leis an mbainne seo, tá scimeal air: barra brúch: salachar éirighthe ina screamh.

scim-ghlórach: *a.* go dubhach-ghlórach. Beidh daoine níos scim-ghlóraighe 'ná táid tímcheall an bhídh mara gcuirid rómpa in am beart cheart do dhéanamh ar an gcuradóireacht: níos cásmhaire. Suarachán scim-ghlórach, nách deacair do chur ag béicigh: síor-ghearánach.

scimín: *f.4.* úirlis chun uachtair do bhaint de bhainne. Scáiltín nó muirghean mar scimín aice ag baint an uachtair den mbainne.

scineadóir: (**sceanadóir**) *f.3.* fear déanta scian; fear oibrighthe scine. Sceanadóiridhe seadh na daoine a chómhnuigheas isteach fén ndúthaigh iargcúlta úd: dream gur dual dóibh scian d'imirt ar a namhaid.

scinne: *f.4.* blúire; sciathán mar beárrfaí le sciain, rásúir, iongain etc. Scinne tobac do loirgeas air: billeóg bheag. "T'r'om lán pípe thobac, tún gomh orm chuige" – "scinne níl agam": oiread an frighe. Caithfear dul 'on tsiopa níl scinne aráin sa tigh: oiread agus sliseóg. Seo scinne agat, a chuirfir fét fhiacail: sciolpóg bheag éadtrom: blúire de bhilleóig (thobac).

scinneáil: *b.3.* feannadh, snoighe, bearradh, scamhadh (scughadh). Sheirbheáil sé iad i dtaobh ag scinneáil a chuid talmhan: ag baint mhóna air, a fhág lom é. Ar dubh-thiomáint oibre ó mhaidean indiu, a rian air, tá scinneáil mhaith fachta ag an ngort: cuid mhór oibre déanta air. Is mór an scinneáil atá fachta ag an gcnoc, an áit go mbíodh deich bhfóid (mhóna) ar aoirde ann lém chuimhne féin, níl ann ach an chloch anois: scughadh: baint go guidhean. Trí bullóga móra aráin ar maidin ann, gan slisneóg anois, is mór an scinneáil (ar arán) í: itheadh: ídeach thar meón. Dá mbeifeá ag gabháil den gcoinín go hoidhche níl aon eólas agat ar é do scinneáil: an croiceann do bhaint de. Nách gránda an béas duit bheith ag scinneáil adhmaid léd sciain ar an gcuma san: ag snoighe: ag baint sciolpaidhe nó scughacháin de. Is me fuair an scinneáil sa chluiche sin, níor fágadh aon mhádh agam gan árdach chun siubhail: scriosadh. An dtugair fé ndeara, a bhrabhais amadáin go bhfuil an dream san ghod scinneáil, ag seasamh dige dhóibh: ghod scriosadh. Ní bhfaghadh sé a aigne lé ainmhidhe marbh do scinneáil: d'fheannadh. Budh mhór an scinneáil do fuaireamair, bhí dhá bháire breise orainn: an tuargaint imeartha: claoidheachtaint.

scinneálaim: *b.a.* bearraim, scriosaim, feannaim. Scinneálfadh sé an té is teinne póca bheith ag síor-cheannach sa tsiopa: ní fhágfadh luid airgid aige. Scinneáil an mádh mór an bórd ar fad: d'árduigh leis pé cárta maithe a bhí ag na cearrbhachaibh. Scinneálann an ghaoth na gais sa pharróiste seo mara mbeadh bliadhain an-bhreágh ann, áit ró-scéirdeamhail: árduigheann léithe iad. Buaileadh san imirt me is scinneáladh mo lorga ar fad: baineadh an croiceann di. Scinneáil na coinínidhe: bain an seithe díobh.

scinneálta: *a.r.* feannta, scriosta, an croiceann bainte dhe. Tá an líon scinneálta ges na fíogaigh: an t-iasc ithte amach aca as. Fé thráthnóna bhíos chómh scinneálta san ó bheith ag cur geall ar chapaillibh ná rabhas ábalta ar ghloinne leann duibhe do cheannach dom féin: scriosta: briste. Tá tón na farraige scinneálta d'iasc: dealbhuighthe.

sciob: *f.3.* ruathar nó fogha leis an gcrobh; greamughadh is árdach chun siubhal; fuadach glaice. Chaitheadh na gluaistínidhe chughainne leanbhaidhe pingnidhe i sciuitiúm is bhíodh sciob sceab againn ortha: sáthadh is tarrac is fogha chun beartha ortha. D'árduigheas liom im mhéaraibh é den gcéad sciob: fogha.

scíob: *b.2.* fogha, braon beag. Bhuaidh sé an rás de lom scíbe scirtín: lé neart siubhail is luathair. "Líon é" – "cad líonfainn? ní raghadh scíob eile ann": braon beag: diúir.

sciobadh: *f.* (*-btha*) fogha nó ionsaidhe leis an láimh agus árdach chun siubhail; an rud a foghtar. Níl ann ach sciobadh ón mbás .i. scaradh caol cumhang lé tuiteam tríd an iarracht. Beidh sciobadh ar stoc Dé Sathairn, dréir an pháipéir, tá glaodhach is luach mór

ortha ar gach aonach lé seachtmhain: tógaint mhear: trácht mhear, mhór. Ní mór an eaga thóg sé uaim an biadh d'itheadh thugas sciobadh siar do: itheadh grod, tapaidh. An bhfuilir go maith sa sciobadh? .i. chun cion do bheith agat go mbíonn gach éinne ar a dhícheall chun an méid is mó is féidir leis do ghreamughadh. B'obann an sciobadh é, bhí an fear san ina bheatha shláinte ar maidin, um thráthnóna tá sé ar lár: an scriosadh ag an mbás. Mara mbeadh an sciobadh a dheineamair bhíomair ag an stoirm: an ghluaiseacht obann, anamamhail. Tá sé ar sciobadh anois agat .i. mara ghreamuighir is a árdach leat de scríb nó mara gcuirir díot de gheit beidh thiar ort. Le sciobadh a dhéanfair é: lé hiarracht thapaidh gan pioc den bhféar d'fhás féd chosaibh. Thugas sciobadh fé n-a cheann agus é ag súncáil agus b'é toil Dé go ráinig liom breith ar ghruaig air: fogha.

sciobaidh: Tá sé ar sciobaidh chun an bhídh leis an ocras: dúil mhór air is fonn. Táim ar sciobaidh chuige, mar is mór é m'olc chuige: fonn orm díoghaltas do bheith agam: réidh chun a ionnsaidhthe. Na ceannaidhthe ar sciobaidh chun stuic: guilm ortha. Aimsir ghreithileánach í seo go bhfuil gach éinne ar sciobaidh: ullamh fonnmhar chun oibre. Ó mhaidean indiu táim ar sciobaidh: fonn gnímh orm. Ar sciobaidh chun cártaidhe: fiadhain chun a n-imeartha.

sciobaile: *f.4.* giobal, rud ar sileadh lé. Gearraidh an sciobaile sin den ngeannc: blúire atá ar sileadh. Ní bhfuaireas lé n-itheadh riamh uatha ach na sciobailidhe, an chuid dob fhearr aca féin: giobail fheóla.

sciobaim: *b.a.* ₇ *n-a.* greamuighim go grod is árduighim liom, fuaduighim, snapaim, scuabaim chun siubhail. Go sciobaidh an bás leis me! má chuireas aon lámh ann: go n-árduighidh leis gan choinne agam. Ná sciob choidhche rud as láimh dhuine, rud míbhéasamhail seadh é: ná snap: ná tóg go grod gan cead gan iarraidh. Sciobfadh sé aon rud a gheóbhadh sé ar bóiléagar: shnapfadh leis. Sciob leat!: scrios! imthigh! Ní fada a bhíos ar an margadh nuair sciobadh a raibh agam: ceannuigheadh go mear, tapaidh. Sciob long léi fé láintseóil: sciúird go fuadrach. Is óg do sciobadh é: d'árduigh an bás leis go hobann é. Sciobadh a raibh agam (cártaidhe): d'árduigh cártaidhe dob fhearr 'ná na cártaidhe a bhí agam.

scíobas: *f.1.* braon, deoir (diúir), blaiseadh dighe. Ól an scíobas beathuisce sin – níl mórán ann – téidheamhóchaidh sé thu: deoch bheag. Tabhair scíobas uisce dhom a fhliuchfaidh mo charbhat, táim spollta: deoichín. Á, léan ort, ná bí chómh sprionnlaithe, cuir scíobas eile innte (gloinne): braon breise. Scíobas bainne ní thabharfaidís duit mar liathadh don té: braon. Níor fhág sé scíobas ann lé íota: d'íbh sé síos isteach go tóin é.

scioblach: *f.1.* cnapán, blúire, giota. Chaith an brothaire chun an duine bhoicht na scioblaigh a bhí ar an gceap: blúiridheacha briste.

sciobóg: *b.2.* cáiteach, árus tuigidhe, birrdeóg, ciseán; fogha, ruathar. Prátaidhe ar sciobóig ar bhéal dramhlaighe chun a bhfuartha. Ní mór an deallramh déanta atá ar do nadhbhóig, tá sí ar nós sciobóige: leathta amach: liocuighthe: gan líomhthacht.

scioból: *f.1.* áit chun gráinne do thaisceadh. “Is mó a scioból ná a iothla”: is mó an garrdha cruach atá aige ná an méid go bhfuil súil aige do shaothrughadh. Ní scioból é gan leath gráinne na bliadhna ann Lá Fhéile Phádraig .i. nách iothla chruachach.

sciobtha: (**sciobuighthe**) *a.r.* greamuighthe, fuaduighthe, goidte, sladuighthe, grod, gearr, sciotuighthe. Tá mo chuid aráin sciobtha ag an madra: árduighthe chun siubhail. Is fada sciobtha ag an mbás leis é: árduighthe an bóthar. Táir sciobtha mara dtugair aire dhuit féin: bailighthe leat. Cunntas an-sciobtha a tháinig ar an gcraolachán airéir ar an gcogaidheacht san Afraic, níor deineadh ach tagairt do: gearr: gan puinn tuairisce. Is gleóidhte, meónamhail an cailín í, bíonn cuma sciobtha uirthi féin is ar a cuid éadaigh: gasta: néata. Ná bí sciobtha lé héinne, tabhair freagra caoin, cneasta uait: grod, giorraisc.

sciobthach: *a.* snapach, fuaduightheach, ruarthach. Is í nádúir an tseabhaic is an fhiolair bheith sciobthach, ní nath ná duadh aca éan do ribeadh dá ionad: i ndán é d’árdach leis go luath, ar phrap na súl. Is deacair gach focal dá n-abrann sé do thuigsint go soiléir, tá sé ró-sciobthach ina theangain: luaithbhéalach. Níor mhaith dhuit é bheith tímcheall an tighe, dá mbeadh aon rud ar bóiléagar ann, tá sé ádhbhar sciobthach lé n-a láimh: claon le rud d’árdach leis, d’fhogha. Bád sciobthach i gciúnas seadh í: tapaidh, luath, so-ghluaiste.

sciodamán: *f.1.* feithide, frighe, caithnín, blúire beag. Ar an dtochas atá ar an reatha san ní fuláir nó tá sé ithte ag sciodamánaibh: frighdínidhe: fíneóg. Chuaidh sciodamán fé dhuilleóig mo shúl is tá sí ghom chiapadh go dian: caithnín de rud éigin. “An bhfuil aon chuid in ao’chor agat?” – “níl sciodamán”: faic.

sciodar: *f.1.* scaoilteach, bainne géar briste. Tá an lá ina sciodar: tuitithe chun báistighe go trom, gan choinne. Pairseach atá ina sciodar nách fiú d’itheadh: caol, tanaidhe gan an righne budh cheart do bheith innte. Leig an lacha sciodar air: cac bog: sconna. Tháinig rud éigin ar an mbainne seo is é ag géarughadh, go bhfuil sé ina sciodar: briste gan righne. Bíonn an t-uachtar ag an bhfear dlighe agus an sciodar ges na hamadánaibh: ag lucht cómhairle na dlighe is ní ag an lucht achrainn do bhíonn barr caibidil chúirte.

sciodarnach: *b.2.* scaoilteacht, salachar tanaidhe, bainne géar briste, tanaidhe. Ní mór an scamhárd d’fhear oibre an sciodarnach bhainne seo: bainne an-thanaidhe. Caithfear tón an phortaigh do thaoscadh, tá sé lán de sciodarnaigh: uisce is ruide móna. Mharbhóchadh an sciodarnach leanna duibhe sin thu atá chómh tanaidhe lé fíor-uisce: caol: gan righne: eanglais dighe.

sciolla: *f.4.* cloch shlinn, thanaidhe; leaicín, spalla, slisneóg phráta, etc. Talamh lán de sciollaidhibh: leacacha beaga éadtroma. Cuirtear sciollaidhe fé chlochaibh troma i saoirseacht chun a socrachta: spallaidhe. Gearraidh sciolla aráin dom: slisneóg thanaidhe. Ní carraig fholláin í, tá sí ag imtheacht ina sciollaidhibh: ina licínidhibh éadroma. Tabhair dom sciolla tobac lé cur fém fhiacail: sciathán: billeóg.

sciollach: *f.1.* slisneóga, blodhtacha leathana éadtroma. Caith an sciollach san chun na muc: giotaidhe fuighligh tar éis béile bídh. Carraig ró-bhriosc is imthigheann sí ina sciollach: ina giotaidhibh miona. Níl sé slachtmhar chun prátaidhe do bhaint, déineann sé

sciollach díobh: gearrann sé an iomad díobh leis an rainn. Sciollach talmhan seadh é: lán de mhion-chlochaibh.

sciolladh: *f.* (*-llta*) baint an ghráinne as an gcochall, gearradh, bearradh, báirseóireacht. Theichfeá na mílte ón mbeirt nuair chromaid ar sciolladh a chéile leis an dteangain: ag tabhairt achmhúsán. Táim ag sciolladh ladhar eórnan i gcóir ciste dhom féin: ag scaoileadh an ghráinne. Is mór an náire dhuit bheith ag sciolladh na bprátaidhe breághtha san: ghá ngearradh gan mhaith.

sciolladóir: *f.3.* scilligeálaidhe; duine a bhaineas an gráinne as an gcochall; báirseóir. Má théigheann den muileann déanfaidh sciolladóir an bheart. Budh chuma liom cé hé a thabharfadh an béal dom ach eisean, ní fhágfadh sé an tuile gan tarrac tharat, an sciolladóir gránda: báirseóir áidhbhéil lé achmhusán is easmailt.

sciolladóireacht: *b.3.* scilligeadh, scaramhaint an ghráinne leis an mogall, badhbóireacht; achmhusánaidheacht. Ar a bhfuil de ghráinne dhá chur ambliadhna beidh sciolladóireacht againn lé cóngnamh Dé: mórán lé scilligeadh. Níl a máighistir annso ar sciolladóireacht nuair dhírigheann sí a teanga ar dhuine, tugann sí uaithi ó thalamh é: droich-íde béil. Ná bí ag sciolladóireacht ar éinne: ag fagháil lochta go neamh-mhín.

sciollán: (**sciolltán**) *f.1.* slisneóg thánaidhe a gearrtar chun síl. Sciollán gan súil ní thagann: an tslisneóg a bhíos caoch. Caith sciolltáin chun na ngamhan ó choimeádfaidh ó bhéicigh iad: prátaidhe gearrtha.

sciollathach: *f.1.* feic **scolthartach**

sciollbhach: *f.1.* scolb, slisneóg, casnadh, scafaire, buachaill cruaidh fadhartha tútach. Sciollbhaigh (thuatha) go léir a bhí ann, is beag ós na bailtibh móra a bhailigh ann: scafairidhe tuatha: buachaillidhe fadhartha tuatha. Tuagh mhaol atá agat, is beag é t'acfuinn ar an gcrann léi, is do dhícheall do dhéanamh ní bhainfir de ach sciollbhaigh: blúiridheacha, casnaidhe. Ní har éinne amháin dúinn níl so téagartha ná íseal, ach árd, caol-sciollbhach buachalla seadh é: éadtrom, fada, cruaidh. Sciollbhach de chailín fhuinneamhail, ghasta í: cruaidh, árd, gan feóil.

sciollóg: *b.2.* slisneóg, sciolpa, sciolltán, práta péacach. Ní har a bhfeabhas lé n-itheadh, dhein sciollóga dhíobh: chuireadar amach (phéacadar) is chasadar ar a chéile. Bhaineas sciollóga dhem chrobh leis an sciain: sciolpaidhe: an croiceann is blúiridhe den bhfeóil. Dá mbeitheá ag déanamh ar thighthibh ósda is an mhír atá ar an arán chidhfeá an ghaoth is an ghrian trís na sciollógaibh a gheóbhfá léd bhéile: slisneóga tanaidhe. An greann 'san sult do gheibheann na garsúin as bheith ag cur sciollóg ag rinnce ar barr an uisce: leicínidhe tanaidhe.

sciollta: *a.r.* scilligthe, an gráinne scartha leis an gcochall; gasta, gleóidhte, feósaidhe. An bhfuil an phónaire sciollta agat?: bainte as an gcochall. Is sciollta a ghléasann sí í féin, féach an bhfuil a luighead salachair ná smúite uirthi: gasta: triopallach. Is maith sciollta atá an stól san déanta aige: córach, críochnuighthe.

sciolltar: *f.1.* giobal, stráice, géire, luid. Ó, 'on diabhal sciolltar anois air, an bochtán, tá an aindeise ar fad air: luid: giobal.

sciolpa: *f.1.* slisneóg, scolb, sleantach, scealp, blúire fada, tanaidhe; sciathán. Dá mbeadh sciolpa tobac agam do chuirfinn 'on phíp, oiread is bhainfeá lé t'iongain: billeóg éadtrom. Bain sciolpa den mbloc (adhmaid) san lé cur sa teine: stéig bheag. Faobhar ró-gharbh ar an rásúir agam gur bhain sí sciolpaidhe dem leicin: blúiridheacha croicinn. Baineadh sciolpa mór doimhin de cheann a órdóige: geannc den bhfeóil. Gearraidh ina cheart an t-arán is ná bí ghá dhéanamh ina sciolpa is ina sciolpa: ina bhlúire gan crot .i. mar bheadh manntaidhe. Leis an bhfuinneamh a bhí fén ngluaisteán bhain sé sciolpa mór as thaobh an chlaidhe nuair rith sé fiar-sceó air: plannc: mannta ná beadh doimhin. D'imthigh sciolpa de sciain an innill bhainte is bhuail sa tsúil é: blodh.

sciolpadh: *f.* (*-dhtha*) (**sciolpáil**) do bhaint mannta as, blodh d'adhmad, geannca, blúiridhe, de chroiceann, etc., rodadh, do scughadh go neamhshlachtmhar, do shnapadh, do ghearradh lé hútamáil, do spreoitseáil. Is é a sciolpadh a dhéanfair leis an sean-mheilit scine, is ní a ghearradh: blúiridheacha do smiotadh dhe. Ag sciolpadh na méar díot féin leis na clochaibh géara san: ag briseadh is ag baint an chneasa is na feóla dhíobh. Ní fhágann na gabhair pioc croicinn ar na hóg-chrannaibh gan sciolpadh: feannadh: a bhriseadh is a stracadh lé n-a bhfiacalaibh. Ní hag obair a bhíonn sé ach ag sciolpadh, is saothar air: ag cur a sháiteáin amach. Dá bhfeictheá ag sciolpadh bhídh é scannróchadh sé thu: ag alpadh. An gamhain ní stadfadh de sciolpadh na bó: a raibh de bhainne aice d'ól.

sciolpaim: *b.a.* snapaim, sciobaim, díscighim, manntálaim. Sciolp sé an suidheachán lé sean-sciain gur thug sé cuma ghránda air: bhain sé manntaidhe as. Sciolp sé an t-adhmad lé tuaigh go ndeárna sé dola dhe: chaoluigh lé bheith ag baint blúire ar bhlúire dhe. Sciolpfair an t-arán leis an sciain, mar ná fuil an faobhar uirthe: geárrfair go haindeis é. Sciolpfaidh an gamhain an bhó má gheibheann sé cao uirthi: deólfaidh a bhfuil ina húth de bhainne. Sciolpfadh sé aon rud go bhféadfadh teacht air i nganfhios: shnapfadh is d'árdóchadh leis.

sciolpaire: *f.4.* diúgaire, snapaire, sciobaire. Níor leóimhte dhuit aon rud d'fhágaint ar bóiléagar fé n-a léith ná go mbeadh ag an sciolpaire: snapaire: gadaidhe. Sciolpaire madra a bhéarfadh an greim amach as do láimh: sciobaire: snapaire. Sciolpaire gamhna a éaluigheas ar a mháthair is ná fágann diúir bhainne aice: sniogaire. Níor fhág na hasail agam ach sciolpairidhe: prátaidhe, teornapaidhe nó a leithéididhe do mhanntáil. Chaitheas sciolpaire beag cloiche a shaoileas ná déanfadh aon díoghbháil do: blúire 'e chloich.

sciolpaithe: *a.r.* snapaithe, sciobtha, diúgtha, díscighthe. Tá na prátaidhe gan mhaith agat, a bhfurmhór sciolpaithe léd rainn: geárrtha. In ionad an dola do dhéanamh go slachtmhar is amhlaidh atá sé sciolpaithe agat: manntálta: gearrtha go mío-shlachtmhar. Aon bhraon níor fhágas ag an mbuin, tá sí sciolpaithe agam: sniogtha.

sciolpóg: *b.2.* slisneóg, sciolpa, mannta tanaidhe. Ghearras sciolpóga móra feóla chúcha: cnapáil: geanncanna. Thug sé sciolpóg mhór 'e thobac dom: caithne reamhar. Air siúd ná

raibh an doicheall tímcheall an aráin, sciolpóga móra, troma dhá ghearradh aige chun gach éinne: slisneóga taithigeacha. Bhaineadh sé sciolpóg talmhan leis an speil, théigheadh sé chómh dian san: blúiridheacha mar gheárrfadh rásúr duine.

sciomalta: *a. n-dh.* gasta, córach, néata, ciúirialta. Á, na bróigínidhe sciomalta atá ar choisínidhibh mo leainbhín: néata: córacha. Gach aon árus ar fhuaid na cistean go sciomalta go mbeadh a fhios ag éinne gur bean chríochnamhail a shín a lámh chúiche: néata, glan, greanta. Budh sciomalta a chidhfeá é gach Domhnach ag dul chun aifrinn, ní fhéadfadh duine gan ceann do thógaint de: glan, ciúirialta: néata: priocaithe, taithneamhach.

sciomartha: *a.r.* glanta, nighte lé huisce, etc., gealta. Níl árus ná suidheachán ná bíonn glan, sciomartha i gcóir na Nodlag go bhfeicfeá thu féin ionta: gan rian smúite ná salachair, is dath geal ortha. An clár chómh sciomartha is go n-íosfá dhe: nighte, scuabtha, glanta, glé. Dá mbeadh na beistidhe sciomartha ina gceart ní ghéaróchadh an bainne ortha: scólta glan.

sciomaradh: *f.* (*-rtha*) glanadh lé cuimilt, gealadh lé salachar do scriosadh. Nár ghabhaidh Dia ged cheann is do mhuineál mar a bhfuil sé, glan a dhóthain ar an sciomaradh atá fachta aca lé huisce is galbhúnaigh: nigheachán is cuimilt. Fuair an conntabhairt sciomaradh ceart lé huisce te, galbhúnaigh is scuaib: nighe is cuimilt. Ní scuab úrláir atá uaim ach scuab sciomartha: scuab gharbh, láidir chun adhmaid do ghlanadh.

sciomraim: *b.a.* scriosaim is glanaim mar dhéanfaí le huisce galbhúnach is scuaib, gealaim is glanaim. Sciomrtaí, is cuimhin liom, beistidhe an bhainne lé huisce te is craoibh ón gcnoc ionnas ná bíodh aon teimheal ortha leis an leamhnacht do chur ortha: scriostí is cuimiltí de is do glantaí ó thalamh iad. Nár gabhaidh Dia agat mara bhfuilir sciomartha go maith is a fhaid ataoi ag gabháil díot féin: scriosta, cuimilte, glanta: gan aon teimheal fágtha.

scíordadh: (**sciúrdadh**) *f.1.* ruathar, teicheadh, fogha, imtheacht fuinneamhail, pléascadh. "An fada go dtiocfair ar ár dtuairisc?" – "b'fhéidir nách fada ná go dtabharfainn scíordadh oraibh": cuaird thapaidh gan puinn moille. Is fada anois gur thug aon mhada ruadh scíordadh tímcheall na háite: cúrsa: turus go gcloisfí trácht air. "Cuirfeam-ne scíordadh ar an namhaid", ars an fear ar an gcraolachán, "nuair thiocfaidh an t-earrach is bhrisfidh an leac oidhir": ruaig is scaipeadh. Tháinig na heitealláin de scíordadh de dhruim an tsléibhe gan choinne ar bith leo: d'fhogha tapaidh, obann. Ó, Dia linn budh chuma leat cad chidhfeá ach gan an fhuil úd ag scíordadh as an ngearradh: ag teacht lé fuinneamh. An í do chiall atá ag scíordadh uait is a leithéid sin de rud amadántamhail do dhéanamh?: ag teicheadh uait. Is annamh choidhche nách ag scíordadh do bheadh an colúr: gluaiseacht mhear.

sciormasc: *f.1.* aighneas, achrann, comórtas, bruighean, troid bheag. Is annamh lá ná go mbíonn sciormasc ag tuinncéiridhibh agus fuil go minic, leis, dhá dhortadh eatartha: teangmháil throda. Beidh sciormasc mar gheall ar an sceidhte talmhan úd, tá triúr nó

ceathrar ghá éileamh agus béarfaid chun cúirte é: achrann is dlighe. Thárlaidh sciormasc idir sinn féin agus an namhaid ar ghealadh an lae, agus chaitheamair cúladh roim chómhacht budh láidre: cómhrac éadtrom. Ná téighir in aon sciormasc chainnte leis mar ná fuil ciall ná réasún leis: achrann aighnis ná argóna.

sciorr-: *i gcfbh.* Sciorr-bhróga: cuaráin: bróga éadtroma tighe gan uachtar árd. Ná tóg air an sciorr-fhocal san, níor mheáidh sé easonóir do thabhairt duit: rud do rádh de chionn focail: rith focail. Níl aon ghnóth agat-sa ar an saoghal, táir ró-sciorr-fhoclach as do bhéal: nílir gasta id labharthaibh chun do bhaile féin.

sciorradh: *f.* (*-rtha*) sleamhnughadh, stroilleadh; ruathar reatha. Fuairtheas amach orm cad é mo ghnóth ann gan aon diabhal coinne agam leis trí sciorradh focail: focal do rith uaim dem aindeóin. Scannradh dóighte orm go n-imtheóchainn lé haill ar fad is mo chosa ag sciorradh uaim gach aon leath-uair: a ngreim dhá chailleamhaint aca. Rug sé ar an leabhar lé buile, chaith uaidh é gur chuir ag sciorradh feadh an úrláir é!: ag gluaiseacht mar bheadh rud ar lic oidhir. B'éigean dom an capall do scur ón dtrucaill ar eagla a ghortuighthe bhíodh na cruite ag sciorradh ar an sioc: ag sleamhanughadh. Tá bolg na sráide ar nós na gloinne ós na buachaillidhibh bheith ag sciorradh ar an lic oidhir: sleamhanughadh. An bád ag sciorradh síos ar an gcarraig mhín gan aon duadh; do shleamhnuigh sí: ghluais go socair, réidh. Na cosa ag sciorradh fúm lé deabhadh: ag corruighe lé himshníomh. Tuitfidh an fhaill go léir, lé gach tuiteam báistighe tosnuigheann sí ar sciorradh: ar scaradh is stroilleamhaint as a chéile.

sciorraim: *b. n-a.* sleamhnuighim, stroillim, imthigheann an bonn uaim. Ná sciorradh do chosa uait, a bhuachaill, in aon áit dá ngeóbhair bí aireach ar do ghníomh. Dá sciorrfá anall chugham lá éigin go mbeadh eaga agat air chun sean-chluig atá agam do shocrughadh: rith anall. Sciorr mo dhá chois in aonfheacht uaim ar an lic shleamhain is buaileadh ar chúl mo chinn me: stroill: chailleadar a ngreim. Sciorr leat anois: cuir díot go mear.

sciorrtha: *a.4.* sleamhnuighthe, stroillte, tuitithe, scartha. Na carraigeacha sciorrtha úd a chonnaicís ar an dtaobh thiar d'oileán táid uile go léir sciorrtha lé haill: na carraigeacha a bhí ar sceó táid tuitithe. Tuiteam sciorrtha fuaireas: is amhlaidh d'imthigh mo chosa uaim.

sciorrthach: *a.* sleamhnánach, stroilltheach. Tá na bróga san ort sciorrthach, táid gan aon tairnge, is droch-shála fútha: stroilltheach. Áit sciorrthach leis an bhfánaidh síos, níor mhór duit árd-aire do thabhairt: stroilltheach: claon lé sleamhnughadh air, nó an bonn do chailleamhaint.

sciorrthachán: *f.1.* duine nó rud a sciorras, a stroilleas nó a shleamhnuigheas. Ní luaithe in áit thu 'ná in áit eile, a sciorrthacháin: duine luath, mear. An bhfuil eólas ort sciorrthachán riaghlach d'oibriughadh?: riaghail áirighthe i gcóir uimhríochta.

sciorta: *f.1.* sceidhte, faobhar, ciumhais, ádhbhar ar an bhfaobhar nó ar an ndeireadh; blodh, blúire; íochtar baineannaigh. Níl ach sciorta beag de lá anois ann, níor mhór é

saothar éinne is a dhícheall do dhéanamh: beagán: blúire: cuid. Fuair sé sciorta maith den mbaile nuair bhítheas ghá strácháilt, cion dhá bhó, dar liom: cuid mhaith. Bhuail sciorta beag éisc linn ar méirneáil ach ní raghadh sé in aon líon: sceidhte: páircín. Cómhnuighimíd annso ar an sciorta is sia siar d'Éirinn: leirg bheag talmhan ar an gciumhais. Cloisim go bhfuil sé ar na sciortaidhibh airís, is fada anois gur thug sé aon chuaird ar an gceanntar: buailte linn i gceanntar eile. Níl aon bhaoghal ort faid choimeádfaidh do mhaimí fé n-a sciortaidhibh thu: cumhdach: tímcheall aice féin, gan a leigeant duit duadh an tsaoghail d'fhagháil. D'fhan an duine aireach ar sciorta na bruighne mar nár theastuigh uaidh a bheith meascuighthe leo: ar an imeall. Dhéanfadh an méid sin slat (éadaigh) sciorta is casóg di: íochtar: gúna a chrochas ós na crománaibh síos. Rug sé ar sciorta casóige orm is sméid i leathtaoibh orm chun ádhbhair cainnte do dhéanamh liom: ar íochtar: spriochaid air níos sia síos ná an chuid eile dhe. I sciorta na gcnoc ó thuaidh seadh gheobhfá na fir mhaithe: i mbun na gcnoc: i dteórainn. Sciorta maith den oidhche gan caitheamh dar liom ar an dtreighdín mar a raibh sé: ádhbhar. Ní rugas ach ar sciorta den mbainis: beagán dá deireadh.

sciortán: *f.1.* bairlín, clúdach. Is diail é is an obair a dhéineann sé gan suaimhneas ceart na hoidhche aige, gan sciortán thíos ná thuas air: clúdach, pluid nó bairlín.

scíos: *b.2.* attuirse, brón, traochtacht ó shaothar. Mo scíos! tú ag fagháil bháis i bhfad uaim: mo bhrón. Táir an-chortha, b'fhearr dhuit fanacht go maidean is do scíos do leigeant thar oidhche: sos do thabhairt duit féin. Ná leig scíos ná faillighe ort go bhfaghair greim isteach id dhá láimh go daingean ar an mbitheamhnach: ná déin sos ná manaois ina thaobh. Is fada scíos croidhe orm óm dhúthaigh féin ag cuimhneamh 'sag machtnamh uirthe: tuirse: crádh. Bead ag déanamh mo scíse ar feadh mí ann: ag déanamh sosa.

scíosmhar: *a.* cortha, traochta, tuirseach, buaidheartha. Is iad na daoine bochta ar fuaid na dtíortha atá go scíosmhar ag an gcogadh áidhbhéil seo: buaidheartha: clamprach. Mo chroidhe scíosmhar ná faghann sos ná suaimhneas: fé shíor-thuirse. Ní raibh ionainn a thuilleadh oibre do dhéanamh bhíomar scíosmhar tugtha: cortha, tnáidhte.

sciota: *f.4.* blúire, oiread is bheadh ar sileadh de rud, cuid ar leathtaoibh, scartha. Dhein sé sciota (gáire) fúm: aon phléascadh amháin. Dhein sé sciota fúm: gháir sé fúm trí mhagadh. An sciota casóige atá air níl sí ag dul thar chaol a dhroma air: gearr-chasóg. Rugas ar sciota air: ar "earball": ar an gcuid dá chasóig nó dá ghúna bhí siar. D'imthigh an seól ina sciotaidhibh: ina ghéiridheachaibh. Níor cuireadh ar an mbád ach sciota den seól, bhí an ghaoth ró-láidir di: blúire, sceidhte. Dhein na madraidhe sciotaidhe dem chasóig: stracadar as a chéile í. "An bhfuairis aon phioc den gcaoire?" – "fuaireas sciota dhi": blúire.

sciotha: *f.4.* sprochaid, an chuid d'aon nidh a bheadh ar sceó amach thar an gcuid eile; gruadh ghéar, sleamhac. Ghluais sé chugham is sciotha air i gcoinne na scríbe: a cheann ar a chromadh aige: sleamhanc amach air. Cá bhfuil do dheabhadh go bhfuil an sciotha siubhail fút?: an fuadar reatha. Sciotha ar dheireadh an árthaigh ná féadfá dul ar bórd air: é ag éirghe siar amach anáirde ón gcille. Tá múchán na luinge ar sciotha: é ina sheasamh fiar-sceó. Sciotha na fuinneóige: an tsaoirseacht amach os a cionn.

sciotachán: *f.1.* earball, an chuid a bheadh ar sileadh nó ina sciotha ar dheireadh ruda; aon rud a bheadh caol sciotaithe nó teasctha. Fág as an slighe uaim, a sciotacháin, duine teann, téagartha mar mise nách mór chun san do thógáil: caoladán duine. Las an sciotachán giumhaise sin dom: scolb caol. Sciotachán earbaill air nós an choinín: tiorpán beag cruinn. Cé bhearraidh do chuid gruaige, a ghearrchaile? dhein sé sciotachán ar fad díot: maoladán maidir lé bearradh lom: lomadán. Iasc éadtrom atá fós ann, ní raibh ach sciotacháin de ar barra: ráthanna beaga. Cé hé an táilliúir caoch a dhein an sciotachán casóige sin duit!: casóg ná fuil flúirseach ná fairsing.

sciotadh: *f.* (*-ttha*) gearradh, ciorrbhaidhthe, teascadh nó bearradh; do bhaint nó do chaitheamh ina bhlúire is ina bhlúire; gearr-ghaire. Beir ag sciotadh do chuid airgid, ag ceannach mion-rudaidhe ná fuil gnóth ná cúram agat díobh go dtí ná beidh luid id spaga: mionchaitheamh. Táir ag sciotadh a cúil ró-lom: ghá bhearradh ró-lom. Níl aon an-dheabhadh orainn leis, beam ag sciotadh linn: ag baint blúire as: ag déanamh ádhbhairín anois is ádhbhairín airís. Is geairrid ar lán tighe agaibh, bail ó Dhia oraibh, bollóg aráin do sciotadh: d'ídeach: d'itheadh. Obair mhall an bloc so do mhion-bhriseadh ach bead ag sciotadh liom: ag baint stéige dhe. Dhein gach éinne sciotadh beag gáire: trithe beag: pléascadh beag.

sciotaim: *b.a.* ciorrbhaim, gearraim, teascaim, bearraim. Nách gleóidhte do sciot sé an fál, é go léir ar cóimhrian anois: theasc sé an chuid liobarnach, fhada dhe. Cén fáth ná beadh sé lom, "sciot leat go cnámh é", ar seisean: bearraidh: lomaidh. Toisc go mbíodh aon tsíos ná suas aice leis na saighdiúiridhibh tángthas is sciotadh a folt go dtín plaosc: lomadh isteach ar fad é. Sciot sé barra na cluaise dá mhnaoi lé béim rásúrach: sciob: theasc. Sciotfaidh sé amach an bhliadhain orm é do chríochnughadh: meilfidh: caithfidh sé an chuid is mó de. Go sciotaidh an diabhal thu ná leigfeadh dom féin: go gciorrbhaidh. Sciot sé furmhór a shaoghail ag gluaiseacht ó chaladh-phort go caladh-phort: mheil is chaith, gan faic dá bharr aige.

sciotaire: *f.4.* tithire, duine gur furaiste leis briseadh ar gháiridhe gan chúis nó trí fhonmhód. Is cuma dhuit cad dheineann an sciotaire sin ach do ghnóth do dhéanamh, sin mar tá sí sin i gcómhnaidhe: tithire. Gheóbfá mór-chuid a bheadh ina sciotairidhibh nuair bheadh do chuid caithte agat ortha: lucht fonmhóid. Sciotaire cailín: ruidín ceann-éadtrom a chaitheas a haimsir ag gáiridhe.

sciotaireacht: *b.3.* tithireacht, smiodaireacht, scigireacht, siotgháiridhe. Beidh sciotaireacht aca fút nuair bheidh do chuid caithte agat ortha, anois tá plámás aca leat: gáiridhe fonmhóide lé n-a gclisteacht féin dar leo. Cuir uaim an sciotaireacht ach labhair i gceart: an miongháiridhe. Chromadar ar sciotaireacht fúm nuair theip mo chainnt orm: mag-gháiridhe.

sciotán: *f.1.* gliog; rud obann; obainneacht. Tháinig sé orm de sciotán gan eaga agam me féin do chosaint: de gheit ar nós an tsaighid. D'imthigh sé ar a rothar ina sciotán an bóthar ó thuaidh, cad é an greitheal a bhí air?: ar nós saighid. Tháinig an tinneas ina sciotán im chliathán: bhuail sé go hobann diachrach me. Is fada gur thóg éinne aon

cheann den sciotán san ar aon nidh a dhéanfadh sé, mar ná fuil meabhair gealbhain aige: gliog.

sciotbhach: *f.1.* ciolaracha, pléascadh. Leag an cat na háraistidhe is deineadh sciotbhach díobh, d'imthigheadar ina ndeideannaibh ar fuaid an úrláir: ciolaracha: mion-ramh. An sciotbhach gháiridhe a tháinig orainn fén dtreascairt do baineadh as: pléascadh.

sciotghail: *b.3.* briseadh gáire, tithireacht mhór. Sin é, bí it amadán aca, leig dóibh bheith ag sciotghail fút: ag magadh: fonmhóid. Ní haon chúis sciotghala é: cúis gháiridhe. Lucht sciotghala iad san, is ní raghaidh sé go maith dóibh: lucht fonmhóid. Bítear ag sciotghail fé féin is fé n-a ghnóth: ag magadh lé sult. Beid ag sciotghail fúm nuair chidhfid mo thriubhas stróicthe: leamhgháiridhe.

sciotóg: *f.2.* bean gabhtha go sciotaithe, bean ceann-éadtrom; pallóg bheag. Ní rugas ach ar dhó nó trí sciotógaibh: pallóga éadtroma a gheibhtear cois cloiche. Tá sí ina sciotóig ar fad ag an saghas éadaigh atá uirthe: gabhtha in éide ná fuil fairsing ná flúirseach di. Níl ionat ach sciotóg mhná: neamh-fhuaimeantamhail. Níl innte ach sciotóg mhná ar do ghualainn: scruitín: bean ná beadh mór ná taithigeach.

sciot scot: *f.* blodhtacha, ciolaracha, blúiridheacha reatha, fuigheall. Tá an t-iasc ina sciot scot ar an mbeirbhiughadh do tugadh air: ina mhion-ramh. Caithtear sciot scot an tighe isteach i soitheach lé tabhairt do mhucaibh: an fuighleach a bhíos tar éis bídh, etc.

sciotuighthe: *a.r.* ciorrbhaidhthe, teasctha, gearrtha, scúigthe, scáinte, grod, neamhfhlúirseach. Caithfear breith níos sciotuighthe ar an mbiadh má thagann gainne plúir ar na daoinibh: bheith níos coigiltighe air. Nách sciotuighthe a shín sé chughat é, an bhfuil an tómhas ceart: caol, cumhang. Nós ag mnáibh tamall ó shoin a gcúl do bheith sciotuighthe: an ghruaig bearrtha tamall maith isteach. Éadach maith atá sa chasóig ach budh mhór an truagh í do bheith chómh sciotuighthe, níl sí ag teacht anuas a dóthain: gearra, neamh-fhlúirseach. Óráid an-sciotuighthe do thug sé uaidh: ghearra, gan mórán eólais innte. Béile sciotuighthe go maith a gheóbhfá ar leath-choróin in aon tigh bídh anois: cumhang, caol, sprionnlaithe. Tá an lá sciotuighthe go díomhaoin agat: caithte. An dealbhas is bun leis, is dócha, tá cuma an-sciotuighthe anois air: lom fé éadach, etc.

scíth: *a.* tuirseach, duairc. Is scíth liom é do dhéanamh: ní thaithnigheann liom. Ní scíth leis me bhualadh: dhéanfadh go tapaidh.

scíth: *b.2.* sos, suaimhneas, eaga anála (tharrac); tuirse, duairceas. Iad ag dubh-obair ag déanamh armála gan scíth ó cheann ceann na seachtmhaine: gan lag. Thógfadh scíth lae óm chuid oibre táim dall amach aice. Leig do scíth annsan: tabhair sos duit féin. Ag síor-chainnt gan scíth dá theangain: ghá coimeád ar siubhal. Dá n-imthigheadh an scíth dem chroidhe: an túirse.

scíthighim: *b.a. 7 n-a.* tuirsighim; sosaim, suaimhneasuighim. Scíth ó bheith im shíor-shuidhe ar an gcathaoir seo, tagann tinneas i gcaol mo dhroma: túirsighim: lagaim. Níl

aon neart mór ann scíthigheann sé ar bheagán cúise: tagann tuirse air. Scíthighimís seal annso ar dheis na gréine: sosaimís.

scíthiughadh: *f.* (*-uighthe*) tuirsiughadh; sosadh; suaimhneasughadh. Táim ag scíthiughadh tá an iomad dhá dhéanamh agam: tuirsiughadh. Ag scíthiughadh leis an ngréin tar éis speal oibre: ag déanamh sosa is suaimhnis.

sciúch: *b.2.* an scórnach, plíopán garbh, guth. Is iomdha braon cruaidh gabhtha síos riamh tríod sciúigh: an bealach síos. Id sciúigh go stadaidh sé maran ort atá an t-ampla chuige: id phlíopán garbh. Ná beir ar sciúigh ar dhuine, tabhair eaga dho: ná tacht é: ná tair grod air: tabhair eaga dho i dtoabh fiach, freagartha, etc. Rug sé ar mhuineál air is bhí ag stracadh na sciúiche as: d'iarraidh é do thachtadh. "Mo ghradhain do sciúch" deirtear lé duine go mbíonn glaodh árd, láidir aige nó guth mhaith chantan. Ghlaodhfainn air dá mbeadh an sciúch agam chuige: dá bhféadainn mo ghuth d'árdughadh i slighe is go gcloisfeadh sé me. Beir ar sciúigh air: ar scórnach. Daoine ann is nuair bhíonn braon (d'fhear Chorcaighe) caithte aca tagann árd-sciúch dóibh: méaduigheann ar a nglór is ar a gcuid cainnte. Tabhair braon dom, tá mo sciúch scallta: mo ghuth imthighthe uaim: mo ghlór tréigthe orm lé spalltacht. Níl aon cheal sciúiche air, pé ceal eile atá air: tá glór is cainnt a dhóthain aige.

sciúcháil: *b.3.* tachtadh; breith go dian, fáiscighthe ar an bpíopán garbh. Rug sé ar scórnaigh orm is thug sciúcháil an anama dhom: tachtadh. Bhíos ghá sciúcháil go raibh a theanga ar an dtaobh amuigh dá cheann ach b'é an fear céadna airís é; bhí sé chómh dána agus bhí riamh: beartha go cruaidh agam ar a scórnaigh ghá fáscadh is ghá chrothadh. Ar an olc a bhí aca dá chéile is ar bhuirbe a gcainnte shaoileas go dtabharfaidís sciúcháil dó: go mbeiridís ar mhuineál ar a chéile d'iarraidh a chéile do thachtadh.

sciúchálaim: *b.a.* $_7$ *n-a.* tachtaim. Ní mór ná gur sciúchálas nuair chuaidh an deoch lém anáil: nár baineadh m'anál ar fad díom. Sciúchálann an tsúil ruibe an coinín nuair fháisceann sí. Sciúchálfaidh an bóna san thu mara scaoilir é, tá sé ró-dhocht ar do mhuineál: tachtfaidh. Sciúcháil sé go maith me sar ar bhog sé a ghreim díom: d'fháisc mo phlíopán go docht.

sciúchálta: *a.r.* tachtuighthe, ceal anála, gaoithe. Chuaidh cor den dtéid ar mo mhuineál is mara mbeadh a luaithe fuascladh mé bhíos sciúchálta aice: tachtuighthe: m'anál bainte dhíom. Tá sé sciúchálta ó bheith ag cainnt, ní fhéadfadh sé a thuilleadh a rádh: an anál caillte. Ní déarfaidh sé a thuilleadh, mo thuairm, tá sé sciúchálta agat: "corc curtha ann": é curtha in éisteacht lé haighneas is áiteamh.

sciúchughadh: *f.* (*-uighthe*) sciúcháil, tachtadh. Dlighthe curtha i bhfeidhm aca atá ag sciúchughadh na ndaoine, deir na daoine: ghá sochtadh: ghá gcoimeád ina dtost. Ghá sciúchughadh ag an dtart dom: an tart ghom spalladh. Cad tá ag sciúchughadh do phípe ná tagann an gal aiste: dhá tachtadh: gan leigeant di sraoth do bheith aice. Aon díoghbháil ní dhéanfadh sé do ar a bhfuil de chainnt aige dá bhfaghadh sé sciúchughadh maith: tachtadh: breith ar mhuineál air.

sciúchuighthe: (**sciúchta**) *a.r.* sciúchálta, tachtuighthe. Brathaim sciúchuighthe, tabhair deoch dom: spallta. Bog de, tá sé sciúchuighthe agat: an anál bainte dhe lé fáscadh. Is iomdha breac éisc sciúchuighthe riamh ag an iascaire céadna, an diabhal a mháighistir: tachtuighthe, beartha i líon air.

sciúigghil: *b.2.* crónán, seórdán, glórghail, tochtán. Poll ansan i gcliathán na fuinneóige go mbíonn sciúigghil an domhain ag an ngaoith thríd: feadghail bhrónach. Sciúigghil ag an simné anocht, tá sín air: ceól brónach. Táir an-ghabhtha tímcheall do sciúiche, tá sciúigghil ort: seórdán, píopaidhe.

sciúigire: *f.4.* duine nó ainmhidhe go mbíonn múchadh nó seórdán ann. Nuair thagann an ceódhmharán bím im sciúigire, ar éigean a fhéadaim m'anál do tharrac: lán de sheórdán is de tharrac suas. An bhfuil anál an chapaill sin briste, tá sé ina sciúigire: saothar is duadh anála air.

sciúird: *b.3.* fogha, seáp; sciobadh; ruathar, pléascadh uisce. Shroich an t-arm a dtriall d'aimhdheóin an chatha a cuireadh ortha d'aon sciúird: ruathar gan stad. Thug an seabhac gorm sciúird fén éinín in imeall mo chos agus d'árduigh leis ina chrobh é: fogha: seáp. Ná bac san, mhuis, dá fhaid atáim gan cuaird do thabhairt oraibh, tabharfad sciúird lá éigin go luath: cuaird thapaidh. Ar a sciúird cois na talmhan lastoir síos do shúncáil an bád fé thuinn deich n-áthraighe: cúrsa a thug sí d'aon ghnóth ghlan chuige sin. D'imthigh an capall de sciúird de dhruim an chlaidhe chómh héascaidh lé héan: de léim phraitineamhail. Thabharfadh sciúird fé aon rud a chidhfeadh sé ar an gconntabhairt: fogha nó seáp chun a ghoidte. Chómh luath agus baineadh an ploc as an soitheach tháinig sciúird uisce as: uisce ina sconna. Is áidhbhéil an sciúird a thug arm na Gearmáine isteach ins na tíorthaibh cómhgaracha: ruathar fada, tapaidh. D'imthigh sé ón dtigh is níor stad sé den sciúird sin go ndeachaidh go Sasana: seáp: ruathar: imtheacht mear gan stad. De sciúird reatha níor stad sé ar feadh na seacht míle: sáthadh: ar séirse.

sciúirdeamhail: *a.* claon lé sciúird, seáp, fogha, cuaird obann do thabhairt. Dá mbeadh scéal ag éinne is aige bheadh sé duine sciúirdeamhail mar thu: cuairdeamhail. Nách sciúirdeamhail an buachaill é, ní mór an stad a dhéineann sé in aon áit: claon lé bheith ag síor-ghluaiseacht. Cigire sciúirdeamhail: a thabharfadh cuairdeanna obanna gan choinne leó. Tá arm na namhad an-sciúirdeamhail lé déidheannaighe: tugtha d'fhoghannaibh do thabhairt.

sciúirdim: *b.a.* 7 *n-a.* tugaim fogha fé, greamuighim is árduighim liom; eiteallaim; léimim go pras; sáthaim chun cinn; tugaim ruathar. Ní mór gur thug sé eaga dhom dul ar ghruadh an bhóthair uaidh nuair sciúird sé tharm ina ghluaisteán: ghluais ar nós an éin. Sciúird! nó béarfar ort: scrios! Sciúird an fiolar anuas ar an uan is d'árduigh leis é: thug sé fogha fuinneamhail, luath. Go saoraidh Dia sinn ar an gcinneamhaint, do sciúird an ghorta úd tríd an ndúthaigh ag treascairt na ndaoine leis an ocras: ghluais go fíochda. Sciúird an chloch d'fhaobhar mo chluaise gur bhain sí gaoth dhi: sciob mar dhéanfadh piléar as ghunna.

sciúirse: *f.4.* ruathar; aon rud a ghoilleas go trom ar dhaoinibh, etc. mar aicíd nó galar; lasc; úirlis éifeachtamhail; duine cruaidh fuilngtheach; sciúird; rian. Sciúirse fir nách aon duadh ná nath aige seachtmhain oibre dá thruime do dhéanamh: fear cruaidh, fuinneamhail, fadhartha. "Agus ar ndéanamh sciúirse dhó de chórdaidhibh caola, do chuir sé amach as an dteampall iad uile, etc.": lasc, fearas déanta de chórdaidhibh leathair, etc. chun liúdrála. Gheóbhair-se an sciúirse as bheith ag dul i bhfolach (poll) ó scoil: an lasc: an tslat. Go ndéinidh Dia fóirithint ar na daoinibh ó sciúirse an chogaidh seo: iomard cráidhte. "Úrnaighthe ar ghairm na n-éan/ mo ghlúin deas do leigeant fúm is athchairt chun Dé/ ar an rí a d'fhulang sciúirse is peannaid 'n-ár dtaobh": bualadh lé lasc. Ní hiongadh dho baint do dhéanamh, is aige atá an sciúirse speile: úirlis go bhfuil faobhar nimhe uirthi. Cá bhfuil do thriall go bhfuil an sciúirse go léir fút: an deithneas uathbhásach. Níor ghábhadh dhíbh olc do chur air, ní stadfaidh den sciúirse sin anois go sroicheann an tigh: ráib: ruathar feirge nó míchéadfaidh. Dá bhfaghadh sé sciúirse den slait seo b'fhéidir go gceapfadh sé a shuaimhneas: stialláil: bualadh. "A Shéamais, déin dom féinig arm na bhfód/ sciúirse ghléasta dhéanfaidh grafadh agus rómhar": stiúir ghlan, éadtrom i bhfaobhar, i dtaca 'si gclódh: rann líomhtha. A luaithe is gheóbhad-sa an t-airgead imtheóchad im sciúirse go tigh an óil: go mear, tapaidh gan sos. Thugas liom sciúirse den nGaedhealaing: cuid mhaith. Is tú an sciúirse orm, tá mo chroidhe is mo shláinte briste agat: iomard is duadh ar mo bheatha. "An bhfuil clann inghean aca?" – "tá, sciúirsidhe": mná óga cruaidhe, fuinnte, fuinneamhla. Tháinig sciúirse gaoithe isteach béal an chuain a scuabfadh as an uisce thu: gála cruaidh.

sciúirseadh: *f.* (*-ste*) lascadh, smísteáil, stialláil. Ghá sciúirseadh mar bheifí corr-mhadra gan truagh gan taise dho: ghá léasadh lé lascadh. Is iomdha duine a bhaineas slat chun é féin do sciúirseadh: do bhualadh. "Agus mar do cheangladar é lé córdaidhibh, adubhairt Pól ris an gcaptaen do sheas a láthair, an cóir dhaoibh-se Rómhánach do sciúirseadh agus gan é air n-a dhamnadh?": do stialláil le lasc.

sciúirséadach: *f.1.* duine cruaidh, fadhartha. Aon bheann níl ag an sciúirséadach san ar fhuacht ná ar shneachtadh, tá sé chómh folláin lé breac: fuinneamhail, fuilngtheach. Bhuail sí an siopa isteach, sciúirséadach go raibh fuadar fúithi: bean fhuinnte, chruaidh, fhuinneamhail.

sciúirseáil: *b.3.* do sciúirseadh, stialláil lé lascadh; liúdráil. Is mór an sciúirseáil atá fachta ón maidin agam, níor ghaibheas trí n-a oiread riamh: callóid: anaithe. Ag sciúirseáil Dé gach uair dá ndéanam peaca: ghá pionósughadh. Is ag na daoinibh bochta mar a bhfuil an cogadh dhá chur atá an sciúirseáil dhá fhagháil: iomard agus fulang ortha: callóid, dealbhas is eagla.

sciúirseálaim: *b.a.* lascaim, stiallálaim, liúdrálaim. Dhéanfadh an duine aon rud, nár sciúirseáladar ár Slánuightheóir?, moladh go deó leis: ghabhadar de lasc air. Sara stadaidh an cogadh so, is níl a mhalairt d'fhuadar fé, sciúirseálfaidh sé an domhan uile: crádhfaidh is tabharfaidh callóid is iomard ar dhaonibh.

sciúirseóir: *f.3.* lascadóir, léasaire, liúdrálaidhe. Nár mhór an aithis é sciúirseóiridhe bheith amuigh san Afraic mar a bhfaightear an robar chun bheith ag gabháil ar mhuinntir na dúithche chun breis oibre do bhaint asta: lucht lasc.

sciúirsim: *b.a.* léasaim, lascaim, liúdrálaim, géarleanaim. Sciúirsfidh sé an t-anam asam sara stadfaidh sé, ní leigeann dom de ló ná d'oidhche ach ghom chiapadh: tuirseóchaidh: ciapfaidh is clipfidh. I dteannta sé mhí príosún do chur air sciúirseadh é: gabhadh de lasc ar a chneas nochtuighthe. Sciúirsigh a mháthair ó thalamh indiu é i dtaobh bheith ag innsint éithigh: bhuail sí: léas sí mar dhuaidhnéis air.

sciúirste: *a.r.* léasta, clipithe, cráidhte. Nuair bhí Mac an Duine sciúirste aca chrochadar é: léasta lé lasc. Tá mo chroidhe sciúirste ag an saoghal: clipithe.

sciúnach: *f.1.* clúdach, scannán, seicin. Níl ar an ngort ach an sciúnach: an croiceann: ar bheagán fáis. Is air atá na corráin gan sciúnach: gan feóil gan bláthas.

sciúng: *b.2.* puth, anál. Is baoghalach nách fada uaidh an chabhair, tá sé ins an sciúng dheireannaigh: ar thuilleamh báis: i ndeireadh na feide.

sciúnachán: *f.1.* scruitín; ainmhidhe léirighthe. Cad gheóbhadh sé ar an sciúnachán san ná raibh ann ach an scrogall 'san t-iogán: ainmhidhe seirgthe. Níor ithis do dhóthain riamh, agus is é crot atá ort é, a sciúnacháin: a rud mheathluighthe, chroithte, chaithte.

sciúradh: *f.* (*-rtha*) sciomradh, nighe is glanadh is scuabadh; ainiceadh, liúdradh. Ná bí ag féachaint ar an árus san, tá oiread sciúrtha fachta aige is go n-ólfá fíon as: cuimilt is glanadh. Mar a ndéantar an leann dubh seadh tá an fearas chun na soitheach do sciúradh sara líontar iad: do scuabadh is do ghlanadh go glé. Cuirtear an bainne trí ionnramháil chun a sciúrtha ar eagla frighdínidhe galair do bheith ann sar seóltar chun margaidh é: é d'fhíorghlanadh: gach smál do bhaint as. Gheóbhair-se sciúradh agus is minic ráidhte leat é, agus é lántuillte agat: ná ceapfá do shuaimhneas: liúdráil: smísteáil: bualadh. Ins an bpeictiúir reatha úd dá bhfeictheá an sciúradh a thug eascú mhór, chuthaigh fharraige is iasc áidhbhéil eile dá chéile d'iarraidh an lámh uachtair do bheith aca: chuireadar tóin na farraige trí chéile: útamáil, stracadh is fáscadh.

sciúraim: *b.a.* úir-ghlanaim, scuabaim, cuimlim is glanaim; stracaim, liúdrálaim, léasaim. Sciúir an t-árus adhmaid sin go maith sara gcuirir an t-ím air, ar eagla go mbeadh aon teimheal air, is go dtabharfadh blas cabhraithe air an ím: cuimil, scuab is glan le huisce te, etc. é. Sciúrfaidh an phurgóid seo an taobh istigh agat: glanfaidh amach. Sciúr an dá eascúin fharraige a chéile go fíochmhar lé n-a n-earballaibh: léasadar is smiotadar. Sciúr an tigh anois idir fhalla agus úrlár, is geal go gleóidhte lé haol é: scuab is glan.

sciúrán: *f.1.* cnapán galbhúnaighe; scuabadh is glanadh. Mara bhfuil sciúrán fachta agat is a fhaid atáir ag gabháil díot féin ní lá fós é, má dheineann uisce te is galbhúnach é: glanadh is scriosadh.

sciúrsach: *a.* callóideach, ciapuightheach. Is sciúrsach an rud do bheith ag gabháil de sceachaibh gan clúdach éigin ina lámhaibh: gonta: goirtightheach. Deirim leat gur sciúrsach í an mhóin chun teineadh nuair bhíonn sí úr, tais: callóideach: rud a chlipfeadh an croidhe ionat.

sciúrsach: *a.* baineannach fuinneamhail, cailín deiliúsach. Fuair sé sciúrsach (mhná) gur fiú ór í tímcheall gnóth tighe, bheadh rud déanta aice ar phrap na súl: bean anamamhail, thapaidh. Ní leigfeadh an sciúrsach san focal as do bhéal ná go mbeadh snaptha aice: cailín dána.

sciúrsáil: *b.3.* léasadh, lascadh, stialláil; sciorradh agus glanadh. Thug sí an mhaidean ag sciúrsáil na gcorcán, na croiche is na ndrol a bhí lán de shugh is de mheirg: scuabadh is glanadh. Ag sciúrsáil mar beidh na sagairt ar suidhe faoistine againn: ag glanadh is ag gealadh ina gcóir. Coir seadh í anois go leanann sciúrsáil í maidir lé príosún: an lasc do chur ina luighe ar dhrom dhuine. Cad é an sciúrsáil atá annsan uait? nó cad é in ao'chor atá uait? Leagfair anuas a bhfuil ar an bhfalla: cuardach is coir trí chéile. Ró-ghlan ró-mhaith atá sé agat, cuir uait do chuid sciúrsála: glantóireacht gan ghábhadh.

sciúrsálaidhe: *f.4.* lascthóir, léasaire, liúdrálaidhe. Bhíodh sciúrsálaidhthe ges na tíoránaigh chun breis oibre do bhaint as na sclábhaibh: daoine a bhíodh ghá mbrostughadh lé léasadh: léasairidhe. Go dtí lé deireannaighe do bhíodh sciúrsálaidhthe ar bórd an chabhlaigh chun duaidhnéise do dhéanamh: lucht lasca: stiallálaidhthe. Deirim-se leat-sa, agus deirim go láidir é, nách aon droich-sciúrsálaidhe oibre é siúd: duine a ghaibheas tríthe go mear. Sciúrsálaidhe maith rámhaidheachta: rámhaidhe a chuireas roimis é go maith. Sciúrsálaidhe gadhair ná fágfadh faic agat gan árdach leis: a bheadh ag cuardach 'sag póirseáil. Ní oibreóchainn in ao'chor don sciúrsálaidhe, bheadh giob geab i rith an lae aige ort, is ní fhéadfá faic do dhéanamh chun a shásta: saoiste dian a bhíos ag síor-bhrostughadh go mío-shásta.

sciúrtha: *a.r.* glanta, nighte, cuimilte, scuabtha, sciorrtha. Tá gach nidh sa bhád ar a thoil aige, í sciúrtha ó fhósta go snaidhmin: scríobhtha, scuabtha, glanta, curtha i dtreó. Tá, agus is lán-mhithid do é, an bannc sciúrtha d'iasc ges na trollairidhibh móra: dealbhuighthe.

sciathanta: *a. n-dh.* dian, cruaidh. Laetheannta ró-sciathanta iad so do leanbhaidhibh ar scoil gan teine: ró-fhuar, ró-dhian. Tá an saoghal ag teacht sciathanta orm, táim gan aon obair is muirear mór orm: dian.

sclábh: *f.1.* mogh, daor. Gormáin mar scláibh ag gabháil den gcadás aca i ndeisceart na Stát: daoine a bhí i seilbh iomlán máighistiridhe, a saothar, a muirear, a mbeatha trí cheannach nó gabháil.

sclábhaidhe: *f.4.* oibreóir, fear tuillimh; duine a bhíos ar aiste úiríseal go mbíonn ag brath ar dhuine eile. Is olc an sclábhaidhe nách fiú a thuarastal é: fear oibre. Ná tuig go mbeinn-se mar sclábhaidhe agat: im bhais chait: réidh chun do thola do dhéanamh, ar gach cor is teadh. Is mairg bhíos ina sclábhaidhe ag daoinibh eile: in ionad go mbíonn ar an uile

shaghas oibre do dhéanamh is aigne lé n-a mháighistir. Im sclábhaidhe ó Luan go Satharn, mo dhá cheann i gcrích, is sibh-se bhur n-aoibhneas féin: duine a oibrigheas ar nós an chapaill ar gach saghas gnótha. Ní hin aimsir atá sé ann ach ina sclábhaidhe: ag obair dréir an lae. "Raghad ag obair chughat tamall de lá" – "beidh sclábhaidhe agam, mhuis" (leamhas): oibridhe maith. Sclábhaidhe maith rainne, budh ghearr an mhoill air clais do rómhar: oibridhe maith leis an úirlis sin. An sclábhaidhe an biadh: an té a gheibheas biadh maith bíonn i ndán obair mhaith do dhéanamh. Sclábhaidhe slachtmhar, líomhtha. Tuarastal sclábhaidhe, etc.

sclábhaidheacht: *b.3.* obair ghéag, duabhais oibre. An-sclábhaidheacht sa talamh san é d'oibriughadh, tá sé ró-árd, ró-sheasuightheach: duadh: saothar géag. Fuaireabhair sclábhaidheacht ag teacht ón oileán ar an mín-tír indiu agus an sciúirse gaoithe a bhí in bhur gcoinnibh: duadh: callóid: duabhais. Níl puinn sclábhaidheachta ann, dhéanfadh leanbh é: duadh oibre. Complacht na sclábhaidheachta nó aon chomplacht eile, is ionann iad nuair théighid i gceannas meallann an t-airgead iad go léir: an dream poilitidheachta a bhíos ag cómhrac ceart an lucht oibre. Is cuma leis ach gan aon sclábhaidheacht do chur air: obair ghéag. Chidhim-se gach n-aon ag teicheadh ón sclábhaidheacht: obair úiríseal: obair ghéag. Sé a ndeárna sé de sclábhaidheacht riamh an méid a ghní sé don diabhal: díomhaoin, droch-ghnóthach, tugtha don mbóthar cam.

sclaimh: *b.2.* (**sclamh**) drannadh, (droch-)ruibe, cuma mhío-thaithneamhach tímcheall an bhéil; grainnc; béic mhío-ghrádhmhar. Thugas fé ndeara sclaimh ag teacht thiar air, agus d'athruigheas m'aigne i dtaobh an bhaile d'fhágaint: droch-chlódh: cuma go raibh athrughadh olc síne air. Má chuireann an madra san sclaimh féin ar chun duine ní bheireann sé ar neach: grainnc: cuma mhalluighthe. Cuir sclaimh ort féin chuige, ná cuireadh sé aon eagla ort: cuma dhaibhceach: cuma go bhfuil fonn gnímh ort. An t-airgtheach, tá sclaimh chun an tsaoghail air: é as a mheabhair glan chun saoghaltachta. Thug sé sclaimh orm toisc ná raibh mo chúram déanta aige: íde bhéil: bhí sé tuaisceartach liom. Ní fheaca riamh é ná go mbeadh sclaimh éigin air: mío-shásamh is tuaisceartach. Bhain neartughadh na gréine an sclaimh den mhaidin. Tá an sclaimh sin riamh air: drannadh. Níor thaithnigh na daoine in ao'chor leis, bhí sclaimh ar an uile dhuine chuige: cuma choimhtheach.

sclamhach: *a.* coimhtheach, grainnceamhail, droch-thuair; milleánach, feannaideach. Nuair osclann sé a bhéal in ao'chor, bíonn sé ró-sclamhach, ní fearrde éinne a theanga: béal-cháinteach: béal-mhilleánach. Cuma sclamhach thoir anocht air, duibheaca gránda seacamhail ann: géar, feannaideach. Nuair dhírigheann an ceann orainn leis an dteangain the sin aige bíonn sé ró-sclamhach, ní sheasóchadh éinne: gearrthach: an iomad faobhair íde uirthi aige. Béal sclamhach air: tagann cainnteanna neambanamhla: neammánla uaidh.

sclamhacht: *b.3.* gearrthóireacht teangan, íde béil; sceanach teangan. Níl ionam ach sclábhaidhe is caithim foidhneamh leis an sclamhacht a gheibhim, bíodh sé tuillte nó gan tuillte agam: an bearradh milleánach teangan. Gheibheann sí sclamhacht ó mháthair a céile ar a luighead cúise: íde béil. Ní deacair lá oibre do thabhairt do, níl aon sclamhacht ag baint leis: béal garbh.

sclamhadh: *f.1.* íde béil, milleánughadh. Mo thuairm go bhfuil an sclamhadh déidheannach fachta aige as a chuid oibre: ní casfar a lochtaidhe airís leis ach an bóthar do thabhairt do. Budh dhóigh lé duine ar an sclamhadh thugann atúrnaethe dá chéile sa chúirt ná labharfaidís lé chéile choidhche airís: íde béil.

sclamhadóir: *f.3.* duine easmailteach; duine claon lé béal do thabhairt. Déin an dearmhad is lugha beó, is beidh an sclamhadóir i mullach an chinn ort, gur dhóigh lé duine gurb í an tsúil do bhainis as: duine gur beag aige an béal do thabhairt. Ní fhéadfadh neach fanacht in adhmannas an sclamhadóra, ní stadann sé ach ag gabháil de n-a bhfuil fé: cáinseóir: milleánaidhe garbh-bhéalach. Éist a sclamhadóir, an ndéineann neach faic i gceart ach thu féin: duine claon lé locht is cáineadh easmailteach. Chloisfeá an sclamhadóir múinteóra a bhí againne amuigh ar an sráid nuair gheibheadh sé locht ar éinne againn, is níor bh'annamh ná deacair leis é: a thugadh íde ós árd orainn.

sclamhadóireacht: *b.3.* íde bhéil is lochtughadh, cainnt easmailteach, gearrthóireacht. Nuair chuireann sé dhe an sclamhadóireacht san bíonn sé ar an gceann is fearr beo: an chainnt gharg lé brostughadh ná lochtughadh. Fuaireas mo chion den sclamhadóireacht me féin maidir lé héinne eile im óige: scamhlaereacht: cáineadh is "itheadh" mar gheall ar m'iomchar. Is mó go mór do dhéanfaidh na sclábhaidhthe as gan bheith ag sclamhadóireacht ortha: ag tabhairt teangan dóibh is ag casadh a gcuid saothair leo lé n-a luighead nó a olcas.

sclamhaim: *b.a.* gearraim (leis an dteangain), tugaim íde dho; tugaim sceimhle teangan do; cuirim grainnc orm. Sclaimh sé orm nuair chonnaic sé ag itheadh lém sciain me: chuir sé grainnc mhío-shásta air féin chugham. Sclamhfadh sé ort gan puinn cúise: leigfeadh sé béic míchéadfadhach as. Sclamhann sé ró-mhinic, ní cuibhe dho san, ní chuireann san aon bhreis cheana ges na daoinibh air: cuireann sé a mhíchéadfadh in iúil go borb, garg. Aon chao do gheóbhadh an madra bradach san ar chnámh feóla do sclamhfadh leis é: ghreamóchadh is bhéarfadh leis é.

sclamhaire: *f.4.* duine míchéadfadhach; go mbíonn deallramh coimhtheach air, a ghearrfadh leis an dteangain; a bhíos easmailteach; a bhíos ciopanta gan riachtanas. Ní éistigheann leis an sclamhaire nó má éistigheann ní chuireann aon áird air, níl aige ach lochtughadh is milleánughadh: lochtóir garg. Fág mo radharc, a sclamhaire, ní bheinn ag féachaint ort ag faire ar an rud is fearr do bhailiughadh leat: duine sprionnlaithe go mbíonn fonn coda go mí-cheart air. Sclamhaire gan spirid, gan dúthracht a bhíos ag tarrac uisce chun a mhuilinn féin: cúis is locht aige ar chách dá fheabhas a bheadh sé. Aon bhaint ní bheidh agam leat, a sclamhaire, tóg díom aghaidh do chaoraidheachta: duine garg-bhéalach.

sclamhaireacht: *b.3.* íde bhéil, itheadh is gearradh; lochtughadh. Chaith sé an lá ag sclamhaireacht orainn, budh bheag leis ar dheineamair is budh mhór leis ar itheamair: ag cáinseóireacht: ag fagháil lochta orainn is ghá chur in iúil dúinn go teann-bhéalach. Má tá fearg ort, agair ar dhuine éigin eile í, is ná bí ag sclamhaireacht orm-sa: ghom ionnsaidhe-se. Sclamhaireacht is fearr atá aige-sean .i. ag fagháil lochta ar chúirimidhibh dhaoine eile

is ag tabhairt easmailte dhóibh. Déin é seo is déin é siúd aice go neamhmín liom, sin mar chaitheann sí an lá ag sclamhaireacht orm: ag gabháil díom go míchéadfadhach borb.

scláradh: *f.* (*-rtha*) gearradh, teascadh, milleadh, spreóitseáil. Ag scláradh an bhluic adhmaid leis an sean-tuaigh: ag gabháil air is ghá mhanntáil. Thabharfadh an scian san scláradh an-ghránda ar dhuine: laitfeadh is mhillfeadh an té go dtairngeofaí air í. Thug an dochtúir scláradh gránda ar mo chois: spreóitseáil.

sclamhóg: *b.2.* focail giorraisc, garg; greim, mannta. Bím ag baint sclamhóige as cé nách mór é mo dhúil ann: blúire beag anois is arís. Bhain an madra sclamhóg as mo cholpa, chuir sé rian a fhiacal go maith isteach ionam: bhain mannta asam. Ní leóimhte dhom mo bhéal d'oscailt leis ná mar thugann sé sclamhóg orm: ullfairt: sclaimh ar nós madra.

scláta: *f.4.* leac éadtrom, thanaidhe miotail, mór nó beag; stuadh thanaidhe chopair go ngreantar peictiúiridhe is dréachtáin air; an fhoirb a déintear dá leithéid i leabhar, etc.; slinn chloiche, adhmaid, miotail, etc. Sclátaidhe ceóil: stuadhanna cruinne ar a mbíonn foirb an cheóil greanta. Mheileas tamall mór ag féachaint ar na sclátaidhibh práis ar a raibh ainmeacha is uimhir seómra gach fir gairme sa tigh: blúiridheacha leathfhada práis etc. Tá scláta an chéachda chaithte: an más: an chuid de go suidheann sé air. Nách uathbhásach an raimheadas ocht n-órdla i scláta luinge cogaidh: ceann amháin des na máillidhibh iarainn nó cruaidhe a bhíos ina plannc. Sclátaidhe díon-philéir ar gach gluaisteán aca: máillidhe cuibheasach fairsing de chruaidh a chosnóchadh piléir. Cuireadh scláta istigh i mbonn na bróige: máille de mhiotal. Cuireadh sclátaidhe iarainn ar na fuinneógaibh: cómhlacha a chlúdóchadh iad. Deineadh obráid ar a cheann is cuireadh scláta airgid in ionad cnámha éigin: blúire go slinn, is uachtair mín air. Ar an áit go raibh an bád pollta cuireadh scláta stáin chun í do dhéanamh díon-uisce: stráice tanaidhe. Sclátaidhe leac oidhreach: leacacha.

scléip: *b.2.* rangás, gealadhram spiride, suathadh, prádhainn, loinne, práisc, blomas, uallachas, taidhbhse, ríorádh; reacaireacht, ragairne ainshrianta. An uair is mó an scléip seadh is córa stad de: nuair is luighte a bhíonn daoine lé héirghe anáirde is aoibhneas. Féachaidh uirthe ag déanamh scléipe os chionn sclamhaireachta: ag cur gothaidhe uirthi féin ná raibh ina gustal. Ag caitheamh éadaighe gur deacair di a bheith ar a cur, agus ag déanamh aoibhneasa nách cóir di. Beidh scléip anocht againn, ceól is rinnce, itheadh is ól, sult is suairceas: éirghe anáirde is éirghe croidhe. Bhuail sí suas an teampall agus scléip fúithi: go ceann-árd, meastamhail. Bíonn aithreachas i gcómhnaidhe ar dhuine éigin i ndeireadh na scléipe: an tseóidh: an ríorádh. Cuireann sé scléip ortha mac óg do bheith aca: lúthgháir. I ndeireadh na scléipe seo an éadaigh agus an rangáis, an ólacháin is na caithteachta is baoghalach gur giobail a bheidh ar dhaoinibh: na beatha ainshrianta. Tá scléip fonmhóide ortha fúm: reacht magaidh. Cad n-a thaobh an scléip?: an cóiriughadh is an socrughadh so ar inghin duine bhoicht: an mustar gan ghustal. Deineann sé scléip mhór dá bheagáinín foghluma, ghá chur in iúil dos gach éinne: teasbánadh: blomas. Táim dall ar cad a bhí ag tárlachtaint ach go bhfuaireas féin mo chuma-bhrughadh go maith, bhíos istigh i lár na scléipe: an achrainn. Tá scléip an domhain orainn anocht, táimíd ar ár dtoil féin, sult is greann againn: gealadhram. Is beag na beitheanna a bheadh ort nuair dhéanfá scléip díobh: bheifeá ghá dteasbáint go blomasach. Ní gábhadh leath na scléipe,

ní tú an chéad duine riamh go raibh culaith nuadh air: an t-éirghe anáirde gan chall ag éileamh breithnighthe.

scléipeach: *a.* blomasach, práisceach, prádhainneach, gealadhramach, blomasach, ainshriantach, taidhbhseach, achrannach. 'on diabhal me go gcuireann an chulaith sin cuma an-scléipeach ort: taidhbhseach. Is scléipeach léi é chun a phósta, is baoghal léi ná beadh sé stuidéartha: go mbeadh sé ró-thugtha do bheatha neamh-measardha. Táir ró-scléipeach ar fad léd chuid airgid, b'fhearra dhuit greim do choimeád air is gan bheith chómh boigéiseach leis: caithteach: rabairneach. Clann ró-scléipeach a bhí aca, ghaibheadar trí n-a raibh aca is dá mbeadh a thuilleadh aca: tugadh do shaoghal caithteach, ainshrianta: fonn mór ranngáis is aoibhneasa ortha. Nuair bhíonn an duine óg bíonn an croidhe scléipeach aige, is iomdha rud ait a dhéineann sé: meidhréiseach. Is é is scléipighe den dtreibh sin ar fad, chidhfeá ar gach cóisir is cómhthalán é: an té is mó atá leagtha lé sult is aoibhneas do bheith aige.

scléipire: *f.4.* duine uallach, blomasach, gealadhramach, ceanamhail ar ríorádh is aoibhneas. Tiocfaidh lá ar an scléipire go mbeidh aithreachas air nár choigil ar a chuid: caithteóir gan riaghail. An mhaig atá ar a hata, an gléas atá ina bhrógaibh, an cóiriughadh atá ar a ghabháil ag an scléipire is gan réal ina spaga: duine taidhbhseach: gurb aoibhinn leis bheith ag déanamh teasbánadh ag éileamh breithnighthe. Bailigheann scléipiridhe na dúthaighe ar na ráiseannaibh céadna gan faic ag baint a meabhrach díobh ach ríorádh is aoibhneas: lucht spóirt is caitheamh aimsire.

scléipireacht: *b.3.* blomas, taidhbhse, uallachas, gealadhramacht, gleódh is ríorádh. Ní ghaibheann scléipireacht is gnóth lé chéile: saoghal aoibhnis is obair. B'fheárr don nduine bocht scléipireacht do chur uaidh is dual go gcuireann sí an tinn air: an ríorádh ná bíonn cumas aige air. Tá aimsir na scléipireachta imthighthe nuair bhíodh ceól is rinnce, greann is sult, itheadh is ól ar bhainisíbh pósta: an aoibhneasa is an tseóidh.

scleó: *f.4.* cainnt árd, bréithre móra; anródh. Scleó is fearr atá aige cad ná déanfadh sé ar a bhéal: cainnt thaidhbhseach. An scleó go léir ar an armáil is an cóiriughadh catha atá dhá dhéanamh chun buadhachtana: an bladhmann folamh. Mo scleó is mo thuirse go deó, agus is fada ó bhí aon chiall aige: monuar.

scleóndar: *f.1.* díograis, líonrith, árd-aiste, maoidheamh, bród, bóibéis. Chómh luath is leag sí a súil ar an mac a shaoil sí do bheith marbh leis na bliadhantaibh tháinig scleóndar ar a croidhe: lúthgháir. Dheara, mhuise, beidh scleóndar ar an sean-lánamhain tú d'fhilleadh tar éis na haimsire go léir ataoi ar fán, gáirfid is goilfid: tiocfaidh líonrith croidhe ortha. Is é fear an scleóndair é, níl aon áit go mbeidh ná beidh gleódh is sult: gleóirnéis: garbhuaiceach. Spalpfadh seisean éitheach lé scleóndar, mar bheadh duine eile ag amhrán. Ná tagadh aon scleóndar ina thaobh ort, ní fiú mórán é: aon líonrith: suathadh ná corruighe aigne. Níor imthigh an scleóndar chun na Gaedhealainge fós riamh díom, bíonn sí im cheann do shíor: an dúthracht is an fonn chúichi. Ní dheárna sé mar deir sí féin ach a dhualgas, faic eile, is ná fuil aon scleóndar ina thaobh air: aon mhaoidheamh.

scleóndrach: *a.* maoidhteach, corruighe, suaidhte, dúthrachtach, lúthgháireach, garbhuaiceach. Cé ná feacabhair a chéile lé fada níltí ró-scleóndrach bualadh lé chéile: cuma áthais nó lúthgháire. Na chéad bhliadhanta bítí an-scleóndrach i dtaobh na Gaedhealainge, bhíodh cuirmeacha ceóil is feiseanna i ngach baile beag: suaidhte, cúramach ina taobh. B'éigean iad do chur ina n-éisteacht bhíodar ró-scleóndrach is níor thaithnigh an gleódh lé muinntir na sráide: garbhuaiceach: glóiréiseach. An lá bhuaidh ár bhfoireann lá scleóndrach againn dob eadh é, bhíomair ag glamghail 'sag béicigh ar fuaid an bhaile: lúthgháireach. Ní thuilleann sé an moladh ar fad, ní gábhadh bheith chómh scleóndrach ina thaobh: maoidhteach.

sclotar: *f.1.* léirightheacht, luime, séithleacht. Tá an sclotar ortha tar éis an gheimhridh do chaitheamh amuigh ar dhroch-fhagháltas: na cnámha ag polladh an chroicinn aca: caithteacht, croithteacht. Chuirfeadh sé crithniughadh ar éinne go mbeadh aithne aige air lé n-a sclotar ní mór go mbeadh a fhios agat gurb é a bhí ann: seirgtheacht: léirightheacht: séithleacht.

sclotrach: *a.* léirighthe, lom, tairngthe, croithte, caithte. Ní fhéachfadh aon cheannaidhe de dhruim a ghualann ar an ainmhidhe sclotrach san, cad tá ann ach seithe is cnámha: gan ann ach an chruit.

sclotrach: *f.1.* séithleach. An sclotrach bocht, is beag an fuacht ná an challóid a fhuilngeóchadh sé, cá bhfuil an tathnag chuige: an rud lom, léirighthe. Sclotrach muice gan spiota fiadha anáirde uirthi, ní leigfeadh náire dom seasamh ar mhargadh léi: rud caol tairngthe gan cuma gan bláthas. Tar éis a dhá bhliadhan i gcarcar bhí sé, an fear teann, díngthe láidir seal, ina sclotrach, gan a thamhas ná a thuairisc ann: séithleach: duine lom, caithte go gcuma an anróidh. Sclotrach duine, ainmhidhe .i. ná beadh puinn den tséan air d'fheóil. Déanfaidh sclotrach díot 'e cheal na coda féin: "rud báis".

sclotruighthe: *a.r.* seirgthe, lom, caithte, léirighthe. Is iad atá go sclotruighthe tar éis an gheimhridh is ná fuil cuma margaidh ná aonaigh ortha: lom, seirgthe. Táim sclotruighthe leis an ocras: seirgthe: tugtha leis.

scleódhach: *a.* poimpeach, blomasach, uallach. Nuair labhraidh sé shearadh sé é féin, budh dhóigh leat air gur leis a raibh ag éisteacht leis ar an gcainnt scleódhaigh a thugadh uaidh: dúmas mór fé, blomas is taidhbhse. Ní fhéadfainn an tsráid do shiubhal leis tá sé ró-scleódhach dom: leigeann sé an iomad bréig-réime air.

scleóid: *b.2.* fuairthé baineannaighe, duine aimideach, duine neamh-éifeachtamhail; slapaire; straoill; slapaireacht; straoilleacht. Níor lugha liom dul isteach i mbothán muice ná dul isteach chúiche an clódh atá ar an dtigh ag an scleóid: bean neamhghasta, neamhchríochnamhail. Scleóid seadh a cheannóchadh rudaidhe neamh-riachtanacha, is a chaithfeadh a cuid airgid ortha: bean gan aon ghastacht cnuaisciúin. Faigh uisce te is galbhúnach is nigh ó thalamh thu féin is cuir uait an scleóid: an tsailicheacht. Ní fhéadfá luighe ná éirghe ann ag scleóid, boladh bréan ós gach nidh: salachar is draoib.

scleóideamhail: *a.* aimideach, ait, salach, drabach, leibideach. Nách scleóideamhail an buachaill scoile thu, féach an crot atá ar do chuid leabhar, an dubhach ar do mhéireanntaibh is t'aghaidh gan nighe lé fios cathain: neamhghlan, neamhghasta. Aon chor ní chuireann an rud scleóideamhail dá cuid gruaige ná bas uisce ní chuimleann sí dhi féin ó Luan go Satharn: faillightheach: glibeach.

sclimpín: *f.4.* scolb giumhaise, lasán; "réilthínidhe". Sáidh an sclimpín sin 'on teine go ndeargad mo thoitín leis: scoilbín. Gheóbhfá beairtín sclimpínidhe sa tsiopa ar phinginn: stráicidhe caola, tanaidhe adhmaid nó páipéir chun pípeann do dheargadh. Buail sclimpín uirthe anois go bhfuil sí lán: lasán: dearguigh í. Dá dtógainn mo cheann go hobann tar éis é do beith cromtha thiocfadh sclimpín ar mo shúilibh .i. bheadh baill bheaga ar nós mion-réiltínidhe ar lasadh os chómhair mo radhairc. Chuir scar-shoillse na luinge cogaidh sclimpínidhe orm ná féadfainn mo shúile do choimeád ar oscailt: dhalladar me.

sclimpireacht: *b.3.* drithlinneacht, glioscarnacht, goidfhéachaint. An ghrian ag sclimpireacht ar an bhfeamnaigh thíos ar lag trágha is í dhá shuathadh go bog, socair ar an bhfarraige: glioscarnach aice fé thaithneamh na gréine. Budh dhóigh leat gur airgead leachta barra na farraige ag sclimpireacht fén ngréin: an logghail bheag go drithlinneach mar bheadh na billiúin bonn bán-airgid ag rinnce. Bhraitheas ag sclimpireacht orm í i nganfhios agus ní rabhas istigh liom féin ná gur aithnigh sí gur me a bhí ar a tóir: ag tabhairt strac-shúl.

scliúrach: *a.* baineannach fhuar, dhíomhaoin; aithisidhe, slapaire. Scliúrach gur bh'fhearr léi an lá do chaitheamh ag comhchainnt leis na cómharsanaibh 'ná fanacht i bhfeighil a tighe féin: bean bhothán is scéalta. A scliúrach, ní fiú deoch uisce na n-ubh thu, féach do chuid áraistidhe is an clódh atá ortha lé salachar: bean neamhghlan, neamhshlachtmhar. Mo thruagh an tigh go mbíonn scliúrach ann, is air a bhíonn an leath-cheann: bean ná bíonn críochnamhail tímcheall a gnótha tighe.

scliúracht: *b.3.* slapaireacht, neamh-chríochnamhlacht; bunránacht; suainseánaidheacht. Ní bhainfeadh úird mhuilinn an iarainn an scliúracht amach aiste tá sí chómh díomhaoin, neamhghasta san: an salachar is an fhuairthéacht. Sin mar chaitheann sí a saoghal ag scliúracht ó thigh go tigh: ag déanamh suainseáin.

sclog: *f.1.* scrogall, muineál caol, scórnach, oscailt chaol, lán scórnaighe. Ná bíodh an cheist ort ná go bhfuil sclog maith air seo, ná beidh aon náire air dul i gcóir a choda: muineál: neamh-náire: neamh-náiridheacht. Dein sclog tríd an gclaidhe go n-imthighidh an t-uisce tríd: poll caol ar nós scrogaill buidéil. Beir ar sclog air is tacht é: ar scórnaigh. Ní bhéarfadh an sclog shimné sin aon deatach leis: poillín cumhang. Tabhair dom sclog eile as an mbuidéal, táim sciúchta leis an dtart. Sclog ar nós na heala aice, ach ní lé n-a breághthacht é: muineál fada, caol. Chuir sé sclog bheag bheathuisce sa ghloinne chugham, geallaim duit nár bh'fhiú dho bheith ag maoidheamh air: braon.

sclogadh: *f.* (*-gtha*) slogadh, oiread is ólfadh duine d'aon iarracht; neart tarraic tríd an anáil; tachtadh; plasparnach scórnaighe. Bhíos ró-fhada fé loch is an sáile ag dul siar im bholg go rabhas ghá sclogadh: an t-uisce san scórnaigh ghom thachtadh. An gcloisir an

sclogadh atá aige: an glór gogalach. Ní fada lé deireadh a thréithe, tá an duine bocht dhá sclogadh ag an mbás: dhá thachtadh. Tá gaoth láidir ann ar an sclogadh atá ag an simné: an fuinneamh atá lé deatach ag gabháil tríd. Ná bíodh aon mhairg ort ná go mbíonn sclogadh ag an dtaoide ag gabháil tríd an beilichín sin: fuinneamh is neart tríd an mbealach caol. Ní bhíonn focal as mo bhéal ach mar bhíonn sé dhá sclogadh aca: dhá fhoghluim. Ní bhíonn focal as mo bhéal ach mar bhím dhá sclogadh aca: áiteamh is argóint aca liom. Fanaim uaidh airís faid mhairim, táim tar éis mo sclogtha: "béal" fachta agam. Ní hamhlaidh ólann sé siúd leann dubh ach é do sclogadh: d'ól ina shlogógaibh troma is glór do dhéanamh.

sclogaim: *b.a. 7 n-a.* tachtaim, glogarnuighim. Sclogfair má ólair ró-thapaidh: tachtfaidh an deoch thu. Go sclogad má ólaim braon de, féach: go dtachtadh leis. Sclogfaidh an biadh thu, ar a thiughacht atáir ag itheadh: raghaidh lét anáil. Ní mór ná gur sclogadar leis an dtart, amuigh ar bholg na farraige fé spalladh na gréine: ná gur éagadar leis. Ní mór ná go sclogann sé leis an ndúil atá aige ann: ná go dtachtann an rud a bhíos ag gabháil trí n-a scórnaigh é. Sclogfaidh an t-éitheach lá breágh éigin é: béarfaidh greim ina scórnaigh go dtuitfidh an t-anam as. Nár sclogaidh an deoch choidhche thu (sláinte). Is diail go léir an t-iomchar atá ar dhigh aige, féach mar sclogann sé í: mar dhiúgann sé an t-aimeón di.

sclogaire: *f.4.* diúgaire; alpaire; póitire. An sclogaire mar shiúirigheann sé leann dubh ar nós capaill lé huisce: sutha chun óil. Ní féidir a ndóthain dighe do theannadh leis na sclogairidhibh sin: is cosamhail lé sraoth muilinn gach neach aca: óltóiridhe troma. Ní bhfuair an sclogaire a leór-dhóthain lé n-itheadh ná lé n-ól riamh: suthaire: duine go mbíonn scórnach áidhbhéil aige.

sclogaireacht: *b.3.* diúgaireacht, alpaireacht, póitireacht, airc. Ag sclogaireacht fiche uair ist lá ar nós na cránach muice: ag alpadh is ag diúgadh. Faid is tá aithne agam air, is ag sclogaireacht ó thábhairne go tábhairne ar dhaoinibh eile bhíonn sé: ag caitheamh siar ortha. Nách mór an t-iongadh ná cuireann a ndéineann sé de sclogaireacht ar thé chun báis é: an ólann go cíocrach di.

sclog-bhladhmannach: *a.* maoidhteach, bladhgarach. An ghaisce go léir atá déanta aige tar éis na bliadhna ná fuil ag neach eile, an t-amadán sclog-bhladhmannach, budh dhóigh leat ar a bhéal gur b'é Oscar é: mór-fhoclach. Aon chabhair a fhéadfadh sé féin do thabhairt uaidh, is níor bheag í, thabharfadh an rud sclog-bhladhmannach, nár dhéin faic d'éinne riamh: duine a bheadh mór-fhoclach, neamhchoingheallach.

sclogghail: *b.3.* ól cíocrach, glogghail sa scórnaigh lé linn an óil; an phuth dheireannach. Chidhfeá-sa sclogghail ar an leann dubh ann, gach éinne ag tarrac ar a chiota féin i reachtaibh a thachta: sughrac trom. Ól go socair é, ná déin sclogghail air: slogadh mar bheadh d'iarraidh é go léir d'ól d'aon iarracht. Fuaireas sclogghail cheart nuair chuaidh an deoch lém anáil: tachtadh.

scolgtha: *a.r.* tachtuighthe; an anál stadta. Táim scolgtha leis an dtart, ar son Dé, caith orm braon dighe: tachtuighthe: spallta: mo scórnach tiormuighthe. Dia linn, tá sé scolgtha: tactuighthe ag an mbás. An bhfuil a raibh de bhiadh ann scolgtha?: ithte:

alpuighthe. Ní raibh an pocán (éadtromán) ar barra, bhí sé scolgtha ag an dtaoide: súiricithe síos lé n-a neart. Is iomdha duine scolgtha riamh ag an muir dhiamhair: báidhte.

sclóin: *b.2.* an fonnsa iarainn a cuirtear amuigh ar cheann na cuinge go gceangaltar na bréadacha dhe i dtreabhadh.

sluigín: *f.4.* scrogaillín, muineáilín. Sluigín ró-chumhang air ní thagann puinn as.

scoblach: *f.1.* fuighleach (bídh etc.); órdaidhe; sceanfairt; tomhaltas suarach. Gheibhim a lán uatha lé n-itheadh, gheibhim an scoblach: an dríodar: an chuid is measa den mbiadh nó a fhágaid ina ndiaidh. Ní raibh riamh aige ach an scoblach is a rian ar an scolthartach (scolfartach), is aige atá na corráin loma: drabhfhuigheall bídh. Ní íosfainn é ach an oiread agus d'íosfainn an scoblach a tugtar do mhucaibh: sceanfairt: tomhaltas suarach.

scobladh: *f.1.* cóiriughadh nó tuargaint lín ar an lomán.

scoblaim: *b.a.* cóirighim nó tuargnaim líon ar an lomán.

scobóg: *b.2.* cáithne, blúire, lán glaice. Scobóga beaga ime, sin mar gheóbhfá é, is ní ina chnapán: cnapáinín bíognach. Chaith sé scobóg fhéir fé cheann na bó: lán glaice: dornán. An t-ím ina scobógaibh gan cruinneáilt ar an mbláthaigh: cáithnidheacha ag snámh. Níor fhág sé scobóg salachair ar a chuid éadaigh, scuab sé chómh glan lé scilling é: blúire beag.

scod: *b.2.* tréad, néall scamall reatha. An cómhartha gaoithe na scodanna san bheith ag imtheacht sa spéir: mion-scamaill go mbíonn siubhal fútha. Sinn dár dtiomáint rómpa aca lé n-a ngunnaidhibh mar bheadh caoire ina scod: scata.

scodaidhe: *f.4.* duine neamhmaitheach, neamhthairbheach, ceanndáine; cailín deiliúsach. An scodaidhe sin ná déanfadh lán a baise ar fuaid an tighe ach a bhfuil de ghearr-aighneas aice: teallaire cailín. Aon rud a raghaidh id cheann déanfair é, nách tú an scodaidhe: duine a leanas dá dheóintibh féin.

scodal: *f.1.* pairseach chaol; iasc bog caol go ndéanamh an scadáin; speach, spirid. Ní mór an scamhárd san scodal praiste seo, tá sí chómh tanaidhe leis an uisce: anglais. Tá scodal fúithi siúd nuair is mian léi dá mhairbheacht a thaidhbhsigheann tímcheall an tighe: fuinneamh is spirid. Bíonn breith ar phollógaibh nuair bhíonn scodal mar bheatha aca: an t-iasc thuas. Fuaireas ar nós an scodail im láimh é: gan tathag.

scodalach: *f.1.* pairseach lag; duine fada marbhánta. Ní ólfadh éinne an scodalach san, cuirtear a thuilleadh mine choirce ann chun a righinighthe: anglais phairsighe. Tá an scodalach san ró-bhog chun cruadh-oibre do sheasamh: duine fada, bog, marbhánta. Go leathaidh an fuacht tu, a scodalaigh, maran tú atá ag dul síos ar an dteine lá breágh mar é: duine lom, árd, gan tapa gan fulang. Sin é an duine gan phreab, bochtán scodalaigh: duine gan speach, gan anam. Ní feacthas aon mhaith riamh sa scodalach: duine gan teacht aniar.

scog: *f.1.* éagconn, duine neamh-fhódamhail. Ná scaoil an scog san leis an gcapall mear san, níl ciall circe aige: duine ná féadfá muinghin do bheith agat as, cad dhéanfadh sé. Dhéanfadh an scog aon rud a thiocfadh ina cheann, gan cuimhneamh ar a thoradh: duine spreangamhail. An scog bocht ná feadair an ar a cheann nó ar a chosaibh bhíonn sé ag siubhal: gliogaire: duine gan fód.

scogaireacht: *b.3.* éagconntacht, éadtromacht, aithris. Níor scar an scogaireacht riamh leis, ní dhéanfadh aon éadach do ach an chuid is daoire dhe, is gan cumas aige air: éagconntacht: ceal céille. Cuir uait an scogaireacht, ní haon am é seo bheith ag leamh-gháiridhe fé bhreis curadóireachta is a chruadhacht atá ar na daoinibh biadh d'fhaghail: cainnt gan fuaimeant. Aimsir ghéibhinn aimsir seo an chogaidh caithfidh daoine stad de rinncidhibh is de ráiseannaibh, ní haon tráth scogaireachta ag daoinibh é: ceann-éadtromacht. Ní scogaireacht a dhéanfaidh saothar: ceal dúthrachta. Is mar sin riamh atá an gliogaire ag déanamh scogaireachta ar gach aon staigín a chidheann sé: aithris ar a ngeámaidhibh, ar a labharthaibh ar a gcuid éadaigh.

scoible: *f.4.* scriosaire, glantóir; duine caol, lom. Scoible fada, caol ná féadfadh puinn nirt do bheith ina chabhail: caoladán. Faigh scoible chun an chorcáin do ghlanadh: gléas scriosta.

scoibleach: *f.1.* duine caol, éadtrom. Aon bhláthas feóla ní thiocfaidh choidhche ar an scoibleach, níl ann ach an creatlach: duine an-lom. An scoibleach casóige atá air bheadh náire í do chaitheamh: ball lom-chaithte. Bíonn gach aon ainmhidhe ná faghann cóir cheart ina scoibleach tar éis an gheimhridh: caol, croithte.

scóig: *b.2.* scrogall, scórnach. Beir ar scóig air, an callaire: beir ar scórnaigh is cuir ina éisteacht é. Tá scóig aige mar bhuidéal: scrogall mór fada. Chuir sé corc im scóig gan aon mhoill: thacht sé me: d'inns sé an fhírinne dhom: cuir im éisteacht me.

scoil: *b.2.* log chun oideachais is teagaisc, go mór-mhór don óige; an tógáil féin; na daltaidhe i bhfóireamh a chéile; gasra múinte ag aon mháighistir, nó a leanas a theagasc. Beidh an scoil ar siubhal láithreach nuair thiocfaidh an cearrbhach eile: an ghasra imeartha. Mara rabhas ar scoil féin bhuail na scólairidhe liom ag teacht abhaile: nílim chómh neamh-eolgaiseach agus thaidhbhsighim. "Scoláiridhe na scoile, gobadáin na gorta, d'íosfaidís na clocha dá bhféadaidís iad a chogaint": na leanbhaidhe óga a bhíos ag foghluim teagaisc. Scoil rinne, scoil phionnsa. Cuireadh gairm scoile amach ag glaodhach ar na filidhibh teacht i gceann a chéile: fógra a shroichfeadh gach éinne. Bhris an garsún fuinneóga na scoile: an tighe ina raibh teagasc dhá thabhairt. Ag dul i bpoll ó scoil: ghá seachaint. Ní haon iongadh gan eólas do bheith orm-sa nár chuir mo chos riamh ar an dtaobh istigh de thigh scoile: nár chaitheas lá riamh lé teagasc ar cheann aca. Sin é thall ár scol-mháighistir-ne: an té a mhúin sinn. Deirtear nuair cloistear duine óg ag cainnt go neamhmánla, 'á, mhuise, a bhuachaill (chailín) fuairis scoil': teagasc. Cá bhfuaireas scoil?: teagasc, oideachas. Scuirtear an scoil ar a trí a chlog: an dream a bhíos uirthi scaoiltear leó. Tugadh lá saoire don scoil: na daltaidhe go léir. Chuadhas-sa ar scoil chun an mháighistir chéadna: is é a mhúin me. Scoil leighis: scoil ag dul lé hósbuidéal chun teagaisc do thabhairt d'adhbharaibh dochtúra. Táim ag freastal scoil na diadhachta: dream

áirighthe i gcóir an adhbhair sin. Baineann sé leis an scoil nuadh filidheachta atá againn: an dream gurb é an tuairm is an módh etc. céadna atá aca. Bun-scoil, meadhón-scoil, árd-scoil, iol-scoil: na cheithre connradhtha léighinn is foghluma. Tabhair scoil do: cuir é mar a bhfaghaidh sé oideachas is teagasc. "Bhí seisean ar scoil mhuis", deirtear lé duine ná bíonn béasamhail. Bhí, bhí sé ar scoil an aitinn: scoil na haindeise.

scoiléid: *b.2.* giobal, géire. Déineadh scoiléididhe den seól nuair tháinig cóch obann ar an mbád: géiridheacha. Dhein an madra scoiléididhe de chasóig an gharsúna, thuit sí siar síos leis: giobail. Scoiléididhe feóla: blúiridheacha i ndiaidh na scine.

scoilt: *b.2.* gearradh, méiscre, cnag, clais, scealp, siúnta; deighilt. Bhuail an bád ar an gcarraig is chuir scoilt innte: gearradh: d'oscail an t-adhmad as a chéile. Cad chuir an scoilt sa doras?: gág fada. Tá scoilt i gcrúib na bó, níl i gcrúib an chapaill: deighilt nó scar trí n-a lár. Tháinig an scoilt eatartha is bhruigheanadar: an deighilt: easaontas. Gheóbhfá gleamach i mbéal na scoilte: gabhal caol, doimhin isteach in aghaidh faille. Ná bíodh aon dearmad ort ná go bhfuil scoilt mhaith ina ghabhal .i. é fad-chosach go maith. Chuaidh sál mo bhróige ceangailte i scoilt sa charraig, is teilgeadh ar bhior mo chinn i bhfarraige me: méiscre: clais: gág. Bhéarfá ar phartánaibh i scoilteachaibh: i ndaibhchibh cloch. Cuir scoilt sa pháipéar léd sciain: gearradh: scar fada. Cad chuir an scoilt san bhfuinneóig, tá sí ag tarrac uisce: scar nó cnag fhada. Tá an talamh chómh tirim, cruaidh sin go bhfuil scoilteacha ag teacht ann: cnagacha fada. Cuirfead scoilt id cheann lé cloich: gearradh. Déin scoilt síos trí bholg an éisc is bain an t-ionathar as: oscailt fhada. Fuaghduigh an scoilt id chasóig: an oscailt: scaradh san éadach.

scoilte: *a.r.* scartha, cnagtha, deighilte, pléasctha. Stad den nglór ngarg san, tá mo cheann scoilte aige: pléasctha: tá tinneas ann atá i reachtaibh é do bhriseadh. Carraig scoilte: ainm carraige go bhfuil méiscre innte. An pian scoilte atá treasna mo dhroma mharbhóchadh sé stail chapaill: diabhalta. Tá an margadh déanta againn, tá an t-airgead scoilte: dhá leath déanta den ndeifridheacht a bhí eadrainn. Beidh scoilte air ag an mbiadh mara n-éirighidh sé as: pléascfaidh an biadh air. Is mór mar tá dúthaighe an domhain scoilte anois, iad uile go léir in earrad lé chéile: in easaontas: deighilte. Tá an chómhairle scoilte i dtaobh an toghaidh seo caithfear é do chur ar ath-lá: nílid d'aon bhuidhin. Faid agus beidh Éire scoilte beidh sí ar lár: go mbeidh sí ina dhá roinn mar tá. Níl an t-éitheach scoilte fós air: is iongadh ná pléascann sé lé n-a n-innseann sé dhe. Casóga scoilte a bhíodh ar na seandaoinibh: ladhrach: a n-earball ina dhá chuid. Ceannófar an t-iasc san scoilte fós go daor dá shaoire atá sé as an líon: geárrtha, glanta, saillte. Tigh scoilte seadh anois é ó cailleadh an seanduine níor bh'fhearr rud do dhéanfaidís 'ná an glas do bhualadh air: deighilte: easaontais.

scoilteach: *a.* claon lé scoltadh, deighilt; so-scartha, soi-dheighilte. Cloch scoilteach í sin, tabhair aire dhi nó brisfidh sí gan: soi-bhriste: so-thuithe as a chéile. Adhmad do-scoilteach dair, toisc a chruadhacht is a righneacht: deacair gearradh ná méiscre do chur innte. Talamh scoilteach, ní deacair a threabhadh: a éirigheas dá chéile gan duadh.

scoilteacht: *b.3.* soi-dheighilteacht, so-scarthacht; soi-bhristeacht. Is an-dheacair aon lámh do dhéanamh ar an mbloc giumhaise sin toisc a dho-scoilteacht gan dínceanna

maithe: do-scarthacht. Tiocfaidh scoilteacht ort má ólair a thuilleadh: pléascfaidh do bholg leis an éigean. Tá scoilteacht ag teacht orm, d'itheas an iomad: ualach duaibhseamhail ar mo ghoile. Go gcuiridh sé scoilteacht orm má bhlaisim é, nílim ach tar éis é do chur uaim anois díreach: tinneas is réapáil im bolg: masmus goile.

scoilteán: *f.1.* scoilt nó méiscre beag, caol, scolb, stráicín d'adhmad, etc., ceann des na codachaibh a déintear de phráta chun síl. Ghearraidh sé scoilteán maith feóla chugham lé n-a chrom-sciain: stráice: sliseán: stiall. Caith scoilteán adhmaid isteach in íochtar na teineadh go lasaidh sí: scoilbín .i. oiread agus geárrfaí lé tuaigh de bhloc nó de chlár. Deineadh scoilteáin den mbíoma: gearradh ina smutaíbh fada caola é.

scoiltim: *b.a.* $_7$ *n-a.* gearraim, scaraim, deighlim, osclaim, réabaim, pléascaim. Scoiltfeadh sé do cheann, an droichmhianach san: bhuailfeadh sé lé rud éigin géar é a chuirfeadh gearradh doimhin ann. Lé duine go mbíonn airc ar chun bídh no a leithéid deirtear, "go scoiltidh sé ort!": go bpléascaidh: go né an-bhreóidhte. Nuair bhuail an long ar an bhfochais scoilt sí ó sháil rinn: ó thosach go deireadh d'éirigh sí dhá chéile ina dhá cuid. Tar éis mórán cainnte is seo seá sin i dtaobh an chapaill scoilteadar an deifridheacht sa luach: dheineadar dhá leath dhe. Mara gcuirtear uisce sa chorcán scoiltfidh sé, tá clochán teineadh fé: pléascfaidh ar a chéile. "Dá scoilteadh sé ort": go mí-chéadfadhach lé duine go mbeadh dúil aige i rud nó a thógfadh biadh nó deoch ná beadh ag teastáil uaidh. "Scoiltfidh air (uirthe, etc.)" lé duine a bhíos ag borradh 'sag méadughadh. Scoilt Sasana an dúthaigh seo nuair ghaibh sí fé n-a sciortaidhibh féin ádhbhairín den dtaobh thuaidh di: do rinne dhá chuid di. Scoilt an breac san: gearraidh ar a dhrom nó ar a bholg é: oscail tríd síos lé sciain. Scoilteann sí an t-uisce mar dhéanfadh scian: gluaiseann go fuinneamhail. Cheapas go scoiltfeadh an talamh fúm is go sloigfeadh sinn leis na heascainidhibh a chaith sé: go bpléascfadh (n-osclóchadh) lé huathbhás na mallachtan. Scoilt na fuinneóga lé suathadh na bpléascán: chnagadar: scar an ghloine ó chéile. Scoilt an spéir os mo chionn lé splanncachaibh: d'oscail sí: thaidhbhsigh sé mar scarfadh ó chéile.

scoilt-réabadh: *f.* (*-btha*) pléascadh, briseadh is tuiteam as a chéile. Bhuail an splannc an charraig is dhein scoilt-réabadh uirthe: dhein blodhtacha dhi. Bheadh truagh agat den luing bhreágh ag scoilt-réabadh ar an scoith: ag briseadh is ag imtheacht 'na blodhtachaibh leis an muir.

scóip: (**scóp**) *f.1.* cead sínte is seartha; fonn; áthas croidhe; leathantas; fairsinge; achar; feighil radhairc nó intinne; slighe; faid téide nó cábla báid, luinge fé ancaire. D'imthigh sé agus scóip air chun na cathrach: fonn mór, is a aigne go léir ar a thriall mar bheadh súil lé saoghal maith aige ann. Tagann scóip chun an bhídh air: fonn is guilm. Ní chuirfeadh faic scóip chun bóthair air, ní fheaca éinne puinn riamh is dochmamhla 'ná é: fonn. Thóg sé tigh in áit go raibh scóip aige: fairsinge: slighe ina tímcheall gan faic ag connlughadh air. Ní fada bheidh an bád anois, tá scóip gaoithe aice: a dóthain gaoithe ag teacht go glan uirthi. Druididh siar uaidh, tugaidh scóip a ghéag do: oiread slighe is fairsinge gur féidir leis áis do bhaint asta. Scaoil fén ngort an capall san mar a mbeadh scóip a chos aige: cead reatha is léamtha. Taidhsigheann sé mór ón dtaobh amuigh agus tá scóip dá réir istigh ann: slighe fairsinge. Chuirfeadh an dath atá ar an dté sin scóip ar an saoghal mór

chuige: dúil chun a ólta. Tabhair scóip don nadhbhóig, tá an ród ró-ghearra: scaoil a thuilleadh téide léi. Déin scóip ar an stól san dom go suidhead: slighe suidhte. Im óige dhom bheadh scóip chun farraige orm: fonn an domhain chun bheith uirthi. Níl an scóip cheart rámhaidheacht ionat chun ráis do rith: an scuabadh: an acfuinn chun buillidhe fada do thabhairt. Nuair fhéachfadh duine ar léarscáil an domhain agus scóip an chogaidh do bhreithniughadh scannróchadh sé an croidhe lé n-a fhairsinge: an méid aiteann ina bhfuil sé dhá chur. Má tá scóip aigne fé éinne tá sé fé: ní bheadh súd sásta lé beartaibh beaga gan tabhairt fé éachtaibh móra: réadh mór a taidhbhsightear do. Cad é an scóip so anois fút ná beannófá dos na daoinibh: an fuadar is an deabhadh. Sé an scóip oibre é, cré dhá chur san aer aige: an fuadar: fotharaga. Téighidh amach ar an mbán mar a mbeidh scóip agaibh chun a chéile: slighe chun a chéile do throid. Thabharfadh sé fé aon rud go neamh-eaglach, fear mór-scóip seadh é: go bhfuil tionnscal is gníomh ann. Níl scóip a dhóthain ag an simné tá deatach agaibh: sraoth fhairsing go leór. Tóg scóip chun na puice: tóg fasc-rithigh do dhóthain chun fuinnimh.

scóipeamhail: (**scópamhail**) *a.* fairsing, saor, fóirleathan, go searadh, leathad, scuabach. Tugann sé buillidhe scóipeamhla ag rámhaidheacht; chuirfeadh sé breághthacht croidhe ort bheith ag féachaint air: fada, réidhe, scuabacha. Budh mhór an truagh ná beadh do chapall níos scóipeamhla as a chosaibh: ná beadh sé ag siubhal chómh cumhang. Cuan neamh-scóipeamhail atá ann, ní mór ar fad na háthraighe a gheóbhadh slighe ann: neamh-fhairsing. B'é an fear scóipeamhail é ag dul chun pósta dho: gealadhramach: lúthgháireach. Tigh árd-scóipeamhail é, tá deich seómraidhe móra codlata ann: fairsing: slightheach.

scóip-fhear: *f.1.* fear tionnscalach; éirimeamhail; fear lúthgháireach. B'é an scóip-fhear ag cur chun bóthair é, budh dhóigh leat gurbh é an chéad lá riamh ag dul chun bóthair aige é: an fear fonnmhar. Chuirfeadh sé roimis, scóip-fhear mar é, maireachtaint ar bhothán scóir: fear éirimeamhail: ná cuirfeadh aon rud mairg air.

scoithim: *b.a.* ₇ *n-a.* gearraim, caithim, snoighim, gabhaim thar, sáruighim, silim, doirtim, spealaim, teascaim, buailim, tairngim, stracaim, scoblaim, géaruighim, faobhruighim. Sin é, tá go breágh agat, scoith leat do bhróga Domhnaigh tríd an seachtmhain: caith leat gan aon truagh dhóibh. "Rug na mná isteach air, leagadar fútha thíos é, agus chuadar i ngiorracht phoinnte an bhioráin go scoithfidís é": go gcoillfidís. Nuair scoitheann an t-uisce den gcarraig ní bhíonn faic lé feicsint uirthi ach brat mion-iascán: nuair scughann mar dhéanfadh lé subh nuair thrághann sí. Pé duine a scoith do chúl cinn thug sé íde ghránda air, chuaidh sé i bhfad ró-dhian air: bheárr. Ar feadh breis agus dhá mhíle den mbóthar bhíomair ar chóimhrian agus i ndeireadh na dála scoitheas é ar éigean bháis is bheatha: ghaibheas tharais chun cinn gan puinn i dtóin snighte agam. Scoith sí an cuan siar is siubhal nimhe fúithi: ghaibh sí tharais: dá bhéal. Níl oiread aige anois agus cheannóchadh gal tobac do, scoith sé a chuid ar ólachán is ragairne: chaith sé go rabairneach: ait. Scoithfead a bhfuil agam indiu gan sásamh do thabhairt do neach beó: caithfead: scaoilfead uaim go rábach. Cuir uait an soisiúr san is ná gearraidh den scoith: ná bain a thuilleadh d'íochtar na casóige, nó den méid a bheadh scaoilte den bhfaighe. Carraig in uisce éadtrom seadh í, ach mar sin féin ní scoitheann sí .i. nuair ísligheann an t-uisce ní nochtann sí. Scoithfidh an t-éadach is fearr má bítear ghá shíor-chaitheamh:

lomfaidh is tiocfaidh cuma chríonna air. Chuarduigheas an bóthar go léir den gcrudh, ach ní bhfuaireas, ní fheadar cár scoith sé í: cár chaith í: cár imthigh uaidh. Scoith leat ceann an chórda go raghaidh sé isteach 'on pholl: bain de. Scoith an fál i slighe go mbeidh cuma ghreanta air: bearraidh in ionannas barr na bhfáiseann. Níl aon chú aca ná go scoithfeadh sí i rás: ná fágfadh sí ina diaidh. Scoithfeadh an deargán do bhaoite ar thap an tairnge mara mbeifeá cliste do dhóthain do: mheilfeadh leis ina bhlúiridheachaibh é: mhanntálfadh. Ná scoith an iomad punann don mbuin, tá greim fachta cheana aice: ná bain an gráinne as lé bualadh. Níor cuireadh fear riamh i ngleic leis ná go scoith air: go sáróchadh i ngníomh. Scoith fíor-bheagán eile an barra cuimealta is beidh sé géar a dhóthain: cuir a thuilleadh slighe (faobhair) air. Níor scoitheadh na huain dá máithreachaibh fós: níor baineadh de dheól iad. Scoithfinn me féin go dtín ruibe déidheannach ar son an duine sin, sin é mo mheas air: chaithfinn mo neart.

scoithín: *f.4.* loca beag gruaige, blúire silte mar bheadh ar bhinn mná, bláth bheag, toirín; earbaillín; soipín. Nách gleóidhte na scoithínidhe atá ar do bhinn: snáithínidhe casta. Scoithínidhe gruaige i ngreim bioráin os cionn uiseann aice: locaidhe beaga. An scoithín earbaill atá air cad a chiorrbhaidh aige é: blúirín.

scoithléithidhe: *f. iol.* mór-ghealadhram; árd-lúthgháir. Scoithléithidhe an domhain uile a bhí air go bhfuair sé té indé is ná fuair éinne eile é lé n-a ghannchúis, bhí gach aon léim as a chorp aige. Cad é scoithléithidhe bheidh ar mhuinntir na hÉireann an lá bheidh Seán Buidhe ruaigthe gan filleadh airís: lúthghair croidhe is gealadhram.

scoithte: *a.r.* gearrtha, teasctha, ciorrbhaidhthe, coillte, buailte, croithte, caithte; bainte as an mogall, de dheól etc.; deighilte, scaipighthe; sáruighthe, claoidhte; cnaoidhte, lomaighthe; crapaithe, sprionnlaithe; faobhruighthe, géaruighthe; fonnmhar; toghtha. Furmhór an earbaill scoithte den mhadra, níl oiread air is tá ar choinín: bainte, gearrtha. A raibh d'fhéar ar an dtalamh scoithte síos go cré ag an iomad ainmhidhthe: bearrtha: ithte. A bhfuaireas d'airgead póca óm mhuinntir i gcóir an ráis bhí sé scoithte go luath sa lá agam ar rudaidhibh aite: ní raibh im sheilbh ach pinginn amháin: caithte. Tá mo neart ar fad scoithte tar éis mo shaoghail ag obair chruaidh: caithte: táim tugtha. Féach i ndiaidh bun do thriubhais, tá sé scoithte: meilte: na snáithínidhe ag cailleamhaint a ngreama is ag caitheamh. Ní mór ná go bhfuil an iothla scoithte is gan an dubhluachair thart fós: an gráinne ar fad nách mór ídighthe. Budh ghreanta leat an fál, tá sé scoithte chómh cliste: é bearrtha go bhfuil sé in ionannas. Tá cuma chómh scoithte ar an mbád san is budh mhian leat: cúmtha: líomhtha. Trí punanna scoithte do fuair gach capall: go raibh an gráinne scartha (ar n-a bhualadh) leis an gcraoibh. Ina rang tá sé scoithte ag an gcuid eile ar fad: iad dulta chun cinn air. Níl ach aon chrudh amháin scoithte ag an gcapall, is amhlaidh a rug sé uirthi: caithte (uaidh): tuitithe. Téigheadh sé go tigh na mbocht anois go bhfuil a chuid airgid scoithte aige is gan tor madra air ag an ndream gur scoith sé ortha é: caithte: scaipighthe. Is mithid an balcaire uain sin do bheith scoithte de dheól: tógtha ó n-a mháthair. Níl aon teóra liom, tar éis an tsaoghail an lá scoithte agam is gan aon tsaothar déanta: caithte go haindeis. Ní fada ós na brógaibh do bheith scoithte aige, cad dhéanfadh an ghabháil ar chlochaibh do gheibhid: caithte amach. Ceann scoithte ar an mbíoma ó bheith ag gabháil ar na clochaibh i gcladhthachaibh: smiotuighthe. Tá mo ghéaga scoithte agam ó bheith ag gabháil air is gan aon tairbhe dhom ann: caithte. Bíonn na crainn

scoithte ó shín an gheimhridh, cuma dhubhach thairngthe ortha: lomuighthe. Sin é cúl scoithte atá aice: ón gcúl lom-bhearrtha so uirthe ná bíodh iongadh cad dhéanfadh sí, cómhartha deiliúsach chun aon rud neamhchoitcheann do dhéanamh. Ní fuláir liom nó tá sé an-bhocht, tá éadach an-scoithte air: lom-chaithte. Bheadh sé scoithte chun oibre dá mbudh leis go mbeadh sí in aon áit idir seo agus Corcaigh: fonn ceart air chun dul fé n-a déin. Fuair sé an chuid budh scoithte des na hubhallaibh, cad eile bheadh uaidh, bhíodar taithigeach, milis: an rogha. Cuma scoithte ar na fallaidhibh gan peictiúir ná eile ortha: lom: scoituighthe. Níor scoithte leis aon rud dá olcas do dhéanamh ort: níor lag leis. Budh scoithte liom mar bheart gan ladhar phingnidhe do chaitheamh chun na mná boichte is an ceal ar fad a bhí uirthi: sprionnlaithe. Léan air, nách scoithte thug sé an tómhas duit: caol, cumhang, lom. Ná bí chómh scoithte chun an tsaoghail is béarfair leat chómh bog é: dícheallach chun na breise do bheith agat. Féachaidh an béal scoithte atá air: cuma air go bhfuil fonn chun an tsaoghail air. Na tíortha cómhraic atá go scoithte chun a chéile fé láthair: lán de dhroch-aigne is d'fhonn chun a chéile do chlaoidheachtaint. Deirim-se leat, agus deirim go láidir é, go bhfuil na daoine scoithte go maith fé bhiadh anois: lom: ná fuil lé coigilt aca dhe. Ná bodhar me, agus ná clip me ag lorg airgid orm, táim scoithte, scaithte tar éis na cathrach: glan, scriosta ar fad. Fear scoithte chun ban seadh é: fonn an domhain uile air chun bheith ina gcuideachtain. D'fhágadar, más fíor iad féin, an dúthaigh ar fad scoithte le teine d'fhonn ná tuitfeadh aon rud leis an namhaid: lom-chreachta.

scol: *f.1.* ráth éisc, iasc den aicme chéadna. Scol mion maircréal atá dhá fhagháil fé láthair: saghas. Scol an-reamhar pollóg nách mór do bhrisfeadh do dharadha: saghas. Is cuimhin liom is me im gharsún óg scol míol mór d'fheicsint siar chun na farraige ag séideadh (séidfaghal): scabhat: scata. Budh dheas leat scol iúcairidhe d'fheicsint nuair phreabaid chun siubhal: scata a ghaibheas lé n-a chéile.

scol: *f. n-dh.* Scol rámha. Bhíos ar aon scol rámha leis: ar an maide céadna.

scol: *f.1.* amhrán, guth cantan, olagón, béic, scread, scréach. Fanfaidh sé im chuimhne faid agus bheidh deóir im shúil an scol a chloisfeá ag duine éigin ag teacht de dhruim an Chlasaigh is braon caithte aige: guth bhreágh amhráin. Cas scol amhráin dúinn: can is arduigh do ghuth. Chas na leanbhaidhe scol olagáin ar a máthair, a chuirfeadh uaigneas ar do chroidhe: séise árd. D'árduigheadar scol gháire lé sult ceart: leigeadar gáire árd, croidheach. Chloisfeá scol na ngadhar ar thóir an tsionnaigh: iad ag glamghail i bhfóireamh a chéile. Leig sé scol lé tinneas: scread.

scolach: *a.* tugtha do scoileannaibh; meastamhail ortha. Ní féidir a rádh ná gur aicme scolach muinntir na hÉireann ar a luighead caoi ghaibhidís is an dúil léighinn a bhí aca: leagtha lé scolaibh.

scolach: *a.* ard-ghlórach, tugtha d'amhránaibh. Bean scolach ar mharbhaibh: bean a árduigheas a glór i gcaoineadh. Bíd ard-scolach nuair bhíonn an braon caithte aca: claon lé bheith ag amhrán.

scóladh: *f.* (*-lta*) glanadh lé huisce te, greadadh lé huisce te; do loscadh; fígheachán an chuirp do ghortughadh lé teas uisce; dóghadh croidhe, iomard, buaidhreamh. Ag scóladh mo chos in uisce breágh malla-bhog: ghá dtéidheamh is ghá nighe. Is é mo chroidhe atá ghá scóladh gem chlainn ná déanfadh luach leathphingne orm ach ag déanamh a dtola féin: dhá chlipeadh. "Mo scóladh is m'ailín dhóighte agus is fada go bpósfair": mo bhrón: fairír. Is mór an scóladh atá fachta ag daoinibh bochta ón gcogadh ins na tíorthaibh ina bhfuil sé: cailleamhaint a gcoda, ruagairt ó n-a dtighthibh agus gach cruadhtan: buaidhreamh is iomard. Is mór an scóladh d'aon tigh gan na daoine do réidhteach lé chéile: suathadh is buadhairt. Déintí na beistidhe do scóladh lé huisce te sara gcuirtí an leamhnacht ortha: do nighe is do ghlanadh. "Ní féasta go rósta is ní scóladh go pósadh": níl aon chrádh ná clipe is mó 'ná é. Lé mí anois tá scóladh ag an dtalamh on dtiormach mór: barra-dhóghadh. Cuireann iasc guirt scóladh ar a chroidhe: dóghadh croidhe. Ná bí ag teacht treasna orm anois is ghom scóladh is me chómh gnóthach: ghom chiapadh: ghom chlipe: ghom chur amugha.

scolaidheacht: *b.3.* múineadh ar scoil, léigheann, oideachas. Ní mór an scolaidheacht a fuair sé, ach bhí an mianach foghluma ann féin: puinn múinte nó tamall ar scoil. Tugtar scolaidheacht mhaith san áit sin do leanbhaidhibh: múineadh is oideachas. Níor bh'fhiú lé n-a mhuinntir cailleamhaint lé n-a scolaidheacht mar tuigeadh dóibh ná raibh air ach ceann cipín: a mhúineadh is a oileamhaint. Nuair dhéineann duine óg rud mío-chuibheasach nó mío-mhánla deirtear lé leamhas, "tá scolaidheacht ort": oileamhaint.

scólaim: *b.a.* barra-dhóghaim, nighim is glanaim le huisce te, déinim díoghbháil don chorp lé teas uisce; crádhaim, clipim, ciapaim. Ná scólaidh a thuilleadh me lé nbhur gceisteannaibh ina thaobh, níl aon eólas agam-sa cá bhfuil sé i bhfolach: ná ciapaidh. Scól sé a chosa go breágh in uisce te toisc go raibh creathaidhe fuachta air: théidheamhuigh is thug faoiseamh dóibh. Scóltaí na beistidhe ó thalamh lé huisce te sara gcuirtí an bainne ortha: nightí is sciorrtaí is cuimiltí le huisce te. Scólfaidh an aimsir seo an churadóireacht sa talamh: ruadhfaidh sí is feóidheóchaidh. Lean air, ná tabhair aon eaga freagartha dho, scól an croidhe aige: clip: cráidh. Scóladar an leathar dá chéile: thugadar an béal go te dá chéile. Scóladh an chos aige go bhfuil sí in aon spóla mhór dhearg: ghoill an t-uisce te uirthi, gur ghread is phianuigh í.

scoláire: *f.4.* dalta ar scoil; duine go mbíonn taithighe is oideachas fachta aige; fear léighin; duine go mbíonn eólas cruinn aige ar cheann des na seacht teangthachaibh; duine gur féidir leis scríobh is léigheamh; ball de scoil phoiblidhe; dalta a gheibheas airgead ó choláisde, cómhairle conntae nó eile chun leanamhaint dá oileamhaint. "Dheara mhuise, is maith an scoláire thu", deirtear lé duine go mí-chéadfadhach .i. tá droich-bhéasa agus droch-rudaidhe foghlumtha agat. Fágaim fés na scoláiridhibh é .i. bíodh a réidhteach aca so go bhfuil tabhairt suas is oideachas ortha. Fuair sé a raibh ina chloigeann ó scoláire bocht: mac léighin nó múinteóir a bhíodh ag siubhal roimis is ag cur fé i dtighthibh chun oideachais do thabhairt d'ógaibh an tighe. Tá sé ráidhte riamh, bleaigeárd sráide nó scoláire tuaithe .i. go mbíonn duine chómh hoilte ar dhroichbhéasaibh leis an nduine eile: go bhfaghfá freagra chómh deiliúsach céadna uatha: go mbíonn cóimh-eólas aca ar rudaidhibh ná bíonn ró-mhaith. Ní mór an múineadh a iarrfaidh sé ort, tá an scoláire go maith aige .i. é i ndán an rud a múintear do do thógaint ina cheann. Scoláire maith

Gaedhealainge, Laidne, Frainncise, etc. seadh é .i. tá eólas maith aige ar cheann díobh so. Scoláire pras ar ealadhain an chogaidh seadh é: foghlumthóir. Scoláire den Iol-scoil Náisiúnta seadh é: dalta a gheibheas oideachas innte, a scoitheas na scrúdacháin is a gheibheas airgead chun leanamhaint dá chuid foghluma. Ní haon scoláire ná níor éiligheas riamh gurbh eadh .i. níl orm ach tabhairt suas suarach. Chómh hocrach lé scoláiridhibh scoile: guilmeach. Fiafruighimís den scoláire é: den té go bhfuil léighean is oideachas air.

scoláireacht: *b.3.* oideachas; léighean; tabhairt suas; oileamhaint; gléas bunuighthe chun oideachais do chur chun cinn. Níl aon scoláireacht orm: nílim go maith ar léigheamh ná ar scríobh ná eolas agam ar leitridheacht nó a leithéid. Mara bhfuil scoláireacht air tá ceann air agus tuigsint aige: foghluim: léighean. Fuair sé a chuid scoláireachta as féin: an oileamhaint atá air is as féin do fuair gan chabhair ó neach eile ná ó scoil ach as leabharthaibh. Rith sé scrúdughadh is fuair scoláireacht cheithre mbliadhan i gColáisde as: bunachar chun caoi do thabhairt do mhac léighinn dul i dtóraidheacht stuidéir áirighthe, mar teangthacha. Ní scoláireacht go dtí agus mar tá air: eólas béascnaidh i gcoitcheann, taighde ar fhadhbaibh staire, teanga, leitridheachta, etc. Ní féidir scoláireacht do chur ina cheann: aon rud do mhúineadh dho.

scolamán: *f.1.* gearrcach gan clúmh, san nid. Chómh truaillighthe lé scolamán dreoilín: an-bheag, an-shuarach. Fág mo radharc, a scolamáin, cá bhfios duit-se connus san do dhéanamh: tosnuightheóir gan eolas.

scolárdha: *a. n-dh.* léigheanta, foghlumtha. Chuir sé eagar scolárdha den g"Cúirt" amach: go raibh snas an eólais air. Aigne scolárdha atá aige, ní dóigh liom gur maith é chun cogaidheachta: leagtha go mór lé léighean is leabharthaibh. Scríg sé stair scolárdha ar an nGaedhealaing: lán d'eólas.

scolb: *f.1.* blodh nó blúire caol, cruaidh, tanaidhe d'adhmad nó d'iarann nó d'aon fhola cruaidh eile, scoithte de bhlúire is mó ná é, an chnag in ubh, tuige ullamhuighthe chun dín d'fhascadh; blúire adhmaid; duine cruaidh, faghartha; blúire beag éirighthe ina sheasamh d'adhmad, chnámh etc. Ní hé lá na gaoithe lá na scolb: ní hé an lá a bhíos an díon dhá fhuadach ag an sín an lá chun a fheistighthe: déin lón i gcóir an lae chruaidh. D'imthigh scolb de chnámh na lorgan: blúirín. "An raibh aon raic ar snámh tar éis na hoidhche?" – "oiread is scolb": blúire beag: blodh adhmaid. Tá scuilb éigin i mbéal an chuasa: blúiridheacha éadtroma raice mar bheadh tar éis adhmadaidhe móra do bhriseadh ag an muir. Ná bíodh scuilb ná ruic air: blúiridheacha géara ag éirghe dhe na claiseacha ann .i. bíodh a uachtar in ionannas. Dá mbeadh scolb agam lé cur sa teineadh seadh is túisce d'adhanfadh sí: blúire éadtrom adhmaid mar bhrisfeá de chlár. Scolb maith fir: fear caol, déanta, fuinneamhail. Níl aon scolb ortha san, dá mbuailfeá chúcha isteach is ocras ort, budh ghearr an mhoill ortha an biadh do thabhairt duit: doicheall: aon fholach ar an rud a bheadh aca. Léan air, níl aon scolb in ao'chor air, d'fhéadfadh san bheith go maith as dá gcuireadh sé roimis é: aon chrích ná críochnughadh chun an tsaoghail. Ní fada ná go dtiocfaidh na geárrcaigh amach, tá scuilb ar na huibhibh: an plaosc briste, éirighthe is scoilte ionta. Bíodh scolb éigin leat: ná bí chómh caithte, nó neamh-chríochnamhail. D'éirigh scolb den gcarraig: blúire tanaidhe, caol, fada. Ceann dín scuilb ná bíonn

buancas ann .i. go mbíonn an tuighe fáiscighthe, feistighthe le tuigidhibh ullamhuighthe go mbíonn bior caol ortha a théigheas ceangailte isteach ’on scraithín nó san tseandíon. Móin chómh dubh chómh cruaidh is go n-imthigheann sí ina scolbaibh: go mbriseann mar dhéanfadh clocha. Chuaidh scolb cloiche i mbonn an chapaill: blúire gearbach fada.

scolbach: *a.* deilgneach, briogadánach, géar; claon lé briseadh ina scolbaibh; cruaidh, faghartha. Móin scolbach: móin chruaidh a scoiltfeadh lé tiormacht. Fear scolbach gur beag an nath aige lá oibre do chur isteach: cruaidh, fuilngtheach, fuinneamhail. Adhmad scolbach: righin cruaidh a éireóchadh ina bhlúiridhibh cruaidhe dá chéile ó thuaigh. Lá scolbach tirim adtuaidh: cruaidh. Aimsir scolbach: gaothmhar, cruaidh gan bheith ró-fhuar, thiormuightheach.

scolbánach: *f.1.* ógánach cruaidh, faghartha, fuinneamhail. Ar an mbuidhin bhí scolbánach a imreóchadh aon triúr a bhí ina gcoinnibh: buachaill go raibh ceól is faghairt ann. Scolbánaigh mhaithe chun rámhaidheachta: fir chnámhacha, fhuinneamhla. Scolbánach é sin go bhfuil ceól ina chosaibh: buachaill cruaidh, faghartha, fuilngtheach, mear.

scolbánta: *a.* tanaidhe ar nós scuilb, caol, cruaidh. Mara bhfuil sé téagartha féin tá sé scolbánta: cruaidh, folláin. Aimsir scolbánta: cruaidh, tirim. Is é atá go scolbánta ina aois: go folláin, sláinteamhail. Tá cuma mhaith scolbánta ar an gcapall san: fuinneamhail: gníomhamhail. D’fhág sé gach aon rud tímcheall an tighe go scolbánta ina dhiaidh: go maith, go breágh.

scolbántacht: *b.3.* leagthacht lé himtheacht ina scolbaibh. Tagann scolbántacht san Márta go néann balc den dtalamh: cruadhacht tiormaigh. Dá mbeitheá ag tuargaint na carraige sin go lá do bháis ní ghéillfeadh sí, níl aon scolbántacht innte: claonadh lé himtheacht ’na smutaíbh éadtroma. Tá scolbántacht an chapaill ráis ann: líomhthacht dhéanta.

scolb-fhear: *f.1.* fear cruaidh, seólta, bríoghmhar. Gheóbhfá scolb-fhir in ár n-áit-ne go bhfuil anam is anál ionta: fir bhríoghmhara, chruaidhe. Ní hé sin ao’chor é, scolb-fhear é seo go bhfuilim-se ag tagairt do, níl sé trom ná téagartha: fuinnte, caol, cruaidh.

scolb-ghaoth: *b.2.* gaoth thollta, ghéar, dhubh. Laetheannta scolb-ghaoithe earraigh do bhíodh sé ag obair ina léime, a leathfadh éinne eile ach é: dubh, duibheaca. Fuaireas an oidhche an-fhuar, bhí scolb-ghaoth ón dtalamh ann is é ag cur sheaca: leóithne fuar, nimhneach.

scolb-ghaothach: *a.* géar, fuar. Aimsir scolb-ghaothach gan aon fhás innte: fuar, nimhneach.

scolfairt: *b.2.* béiceach, glamghail, scréachach, cantain, éigheamh, árd-gháire. Chloisfeá tamall maith ó bhaile é, gan aon bhréag is breágh an scolfairt amhráin atá aige: an ghuth chantan. Ní hannamh ag scolfairt ar a chéile iad, ní ró-mhín do bhíd go minic: ag béicigh. Nuair bhí sé ag glaodhach orm filleadh chloisfeá a scolfairt faid gach n’fhaid uait: an ghlam éighimh a dhein sé. Oidhche mharbh ghealaighe go raibh gach bannc i bhfarraige

ag réabadh, chloisfeá scolfairt na bóchna isteach fén dtalamh: an bhéiceach árd a bhí aice. Lé greann is sult ní thagadh an dara focal as a bhéal ná go mbíodh scolfairt ar fuaid an tighe: scartghail mhór gáiridhe. Maidean bhreágh, ar éirghe amach dom fén ngleann bíonn scolfairt éan im tímcheall: cantain is treithear. Budh bheag aige scolfairt do leigeant ort gan puinn do dhéanamh as an slighe leis air: béic mhí-chéadfadhach. Leig-se scolfairt ar na scoláiridhibh toisc an oiread geóna do bheith aca agus d'éistigheadar chómh ciúin lé luich: béic fheargach, mí-chéadfadhach. Níl aon teóra leis lé déine, gach scolfairt aige i rith an lae ar an lucht oibre: béic bhrostuighthe.

scolfartach: (**scolthartach**) *f.1.* duine béiceach, a gháireas ós árd; duine go mbeadh cuma an ocrais air; geóin árd amhráin nó chantan. Ná bí ag scolfartaigh orm, cloisim thú: ná bí ag béicigh. Is binn lém chluais scolfartach an luin ar thor: ceól: séis: séis fhada, árd. Caith rud éigin chun an scolfartaigh muice sin, nó íosfaidh sí an baile: muc go mbíonn airc bídh uirthi. Ná bí id scolfartach mar sin: id dhuine milleánach, glórach, míchéadfadhach gan chúis. Léan air, an scolfartach, ní raibh aon phreab riamh ann: raga gan teacht aniar. Scolfartach ocrach: duine sprionnlaithe ná féachfadh siar chun maitheasa ná comaoine do dhéanamh do neach.

scológ: *b.2.* béic, éigheamh, scréach. Nuair bhíonn braon thiar aige bíonn scológa amhrán ar siubhal aige: duanaireacht ós árd. Cá bhfuil do scológ-sa, a Thomáis?: do ghiota amhráin. Chuaidh an píce ina sheasamh ina chois, is chloisfeá gach aon scológ ghuil aige: liach: béic. B'ait leis cad as go raibh na scológa gáiridhe ag teacht ar taca an mheádhon oidhche san áit iargcúlta san: scartacha móra, árda.

scológ: *b.2.* feirmeóir ná beadh puinn spailpe air; seanduine. Bealach na scológe .i. idir Liúir agus an charraig féin buailte leis an nDún Mór. An Scológ tugtar "an Seanduine" leis, ar an gcarraig seo (fochais ós cionn uisce seadh í ach ar lán-mara). "An raibh aos mór ag an bhfear san d'éag indiu?" – "ó, a Mhuire, chómh críonna leis an Scológ". Caith deoch chun na scológ san: dream ná fuil go maith as. Scológa ar fad atá thart tímcheall annso, níl aca ach faghaltaisidhe beaga: lag-fheirmeóiridhe. Gheóbhair cómhairle uaidh sin chómh maith le "cómhairle na bárd-scológe dá mhac": atá i bhfeirm filidheachta a thug file tuatha dá mhac. "An bhfuil an sean-táille fós aige?" – "a Mhuire, tá; is fada ina scológ é": seanduine críon. Scológa na tuatha go léir bailighthe isteach ar lorg síl: mion-fheirmeóiridhe.

scólta: *a.r.* greaduighthe lé huisce te, dóighte, róstuighthe, glan, sciorrtha, clipighthe, ciapuighthe. An bhfuil do chosa scólta go maith agat: iad téidheamhuighthe in uisce te. Is agam-sa atá an croidhe scólta ag an bpóitire fir atá agam: clipighthe, cráidhte. Na háruistidhe scólta glan, gan salachar, gan teimheal: sruthluighthe, scriosta, glan. Ní haon iongadh na daoine bheith scólta ag an gcogadh so is a bhfuil d'iomard curtha aige ortha: cráidhte istigh ina gcroidhe. Thuit streall d'uisce bheirbhthe i mbrághaid na coise air is tá sé scólta go maith: an croiceann 'san fheóil dóighte, goirtighthe. Is scólta an duine é nuair bhíonn braon caithte aige: chrádhfadh sé éinne lé n-a iomchar.

scoltadh: *f.* (*-oilte*) gearradh, oscailt, scaramhaint ó chéile i ndlúimh, pléascadh, deighilt. Lá go raibh an ghrian ag scoltadh na gcrann: síomthaidhe ag teacht san adhmad lé

tiormach is le teas. Ar a dhrom a déintear an scoltadh ar an maircréal: an gearradh: an t-iasc do scaramhaint ó chéile. An oiread san feóla ag teacht air lé deireannaighe go bhfuil ag scoltadh air: é borrtha i reachtaibh pléasctha. Fallaidhe an tighe ag scoltadh: an tsaoirseacht ag tabhairt: méiscre ag teacht innte. Scoltadh orm má bhlaisim pioc: go bpléascadh. Ná feicir an talamh ag scoltadh: cnagacha ag teacht ann leis an dtiormach. Tabhair an scoltadh ceart ar an adhmad san: deighilt cheart lé dinceannaibh nó eile. Ní dhéanfadh sé aon deifridheacht do scoltadh eadrainn is d'fhág san an margadh gan déanamh eadrainn: dhá leath do dhéanamh de. An fhaill ag scoltadh: méiscridhe ag teacht innte. An bád ag scoltadh roimpe go módhmharach: ag gearradh an uisce.

scon-scan: *d-bh.* in iomláin, ar fad, amach 'samach. Tá sé imthighthe scon-scan: gan aon chiall. Bhí sé scon-scan (as a mheabhair) chun a pósta: ní fhéadfadh sé níos mó fonn do bheith air. Thuit an t-anam scon-scan as chómh luath is fuair tuairisc báis a mhic: ar an dtoirt. "An bhfuil deireadh ithte againn?" – "scon-scan": a raibh ann. D'imthigh a chuid uaidh scon-scan: gan rian dá thuairisc. D'óladar an soitheach scon-scan .i. níor fhágadar braon ann. Táim traochta scon-scan ag an lá, níl ionam corruighe: cortha ar fad, ar fad. An bhfuil eagla ort go bhfuil Sasana imthighthe scon-scan?: claoidhte: a cómhacht bailighthe léi choidhche.

sconn(a): *i gcfbh.* foiséadach, reathach, tapaidh. Beidh guidhe na ndaoine sa talamh aige, an duine sconn-bheartach, b'é b'éascaidhe chun fóireanta do thabhairt ar naoidhe an ghanntair: laimhthighiseach, mór-charthanach: gan teóra lé flúirse a láimhe. Ná bí chómh sconn-bheartach, éist go cúramach sara néir aon rud ar dearmhadach is go mbeifeá ina aithreachas: mío-rothagach. Ná bí chómh sconn-labhartha san i dtaobh éinne gan bheith lán-dheimhnightheach ded ráidhtibh: luath féd theangain. Cainnteóir sconn-fhoclach seadh é gan móran fuaimeanta leis go minic: cainnt ag teacht ina sruth uaidh. Tríd an mbealach caol (isteach fé bhun an dorais) tagann sconn-ghaoth d'fheannfadh thu: gaoth chruaidh ag teacht ina siolladh. Dá mbeadh sconn-bhís agat chuirfeá piast air sin: gléas chun piast do chur ón dtaobh istigh mar cuirtear ar chnódh. Tabhair sconn-ghluaiseacht don leann dubh san, riar amach ar na fearaibh é: scaoil chúcha a ndóthain is a dhá ndóthain de, gan mhairg. Féasóg sconn-ribeach atá air, ní deacair a bhearradh: scáinteach.

sconna: *f.4.* foiséad, rith mear uisce trí oscailt caol, eas, rith cainnte, gaoithe; scaoing, etc. An ghaoth ag teacht ina sconna trí bhéal an chuain isteach: go láidir mar bheadh sí ag teacht as bhéal caol ruda éigin. Cuireann féar glas sconna buinnighe ar ainmhidhthibh: gluaiseacht chaol, thanaidhe, fhada, mhear. Ní bheadh sé id dhícheall freagra do thabhairt ar a n-abrann súd, tagann cainnt ina sconna uaidh: ina sruth: mar uisce in eas. Beir callán uisc ón sconna: scrogall caol mar a mbíonn tuiteam ag an uisce: foiséad. Gaibheann sconna gaoithe anuas an bóithrín ón gcnoc: gaoth mar bheadh sí dhá shéideadh as bhéal ruda éigin lé fuinneamh. I rith na hoidhche ar fad bhí sconna báistighe ann: duartan trom. Is annsúd do bhí an deoch go flúirseach, í ag teacht ina sconna: mar beifí dhá scaoileadh amach as fhoiséad. Caithfear rud éigin do thabhairt don ainmhidhe sin chun a thiormuighthe, tá sconna lé seachtmhain air: buinneach: scaoing. Deirtear gur maith an rud do láimh nó chois leónta í do chur fé sconna: mar a mbíonn an t-uisce ag tuiteam go bríoghmhar as shraoth chumhang. Ar an sconna cainnte atá anois air níl aon chosc lé cur

air: ritheadh seama. Dá mbeadh a cheann dhá chur fé sconna dhéanfadh sé maith na machairidhe dho: é do thumadh go maith fé, bhainfeadh sé cuid den gcainnt de atá fé.

sconnach: *a.* grod, rúiseach, tapaidhe, dásach, mío-rothagach, míorúnach, ríodhgach, béal-scaoilteach. Ag cainnt duit leis, bí aireach is ná déin aon tagairt don gcogadh, tá sé an-leóchaileach ina thaobh, ar do chluais ná bí sconnach: béalscaoilteach: gan scoth. Bheadh sé i bhfad níos fearr mar argónaidhe dá mbeadh sé gan bheith chómh sconnach, ní bheireann sé faidtheadhlach go leór air: grod, tapaidh, teasaidhe. Budh mhór an truagh é do bheith chómh sconnach – an t-aon locht atá air – bhéarfadh sé suas ar mhuineál ort gan aon mhachtnamh do dhéanamh: rúiseach, tapaidh, teasaidhe. Tóg breágh, fada, bog, réidh gach nidh anois, ná bí sconnach, ar eagla go mbeadh a aithreachas ort: ná déin aon rud de ríodhg.

sconnadaer: *f.3.* gunna phléascáin; bréagán airm teineadh a dheineas pléasc mhór nuair scaoiltear aer teanntuighthe as.

sconnaire: *f.4.* rábaire; strapaire ógánaigh, ruathaire, teallaire, giofaire. Nách é sconnaire an tsuilt é: barránach sultmhar: rábaire grinn. Budh bheag an mhoill ar an sconnaire sin tabhairt fé aon rud, ní chuimhneóchadh sé an ath-uair air: duine gur cuma leis. Is diail an sconnaire atá déanta dhe, cuimhnigh go bhfuil seisean an-óg, bhuailfeadh sé a cheann ar an gcearchail duit: strapaire: ógánach árd, groidhe. Sconnaire capaill a bhuaileas bóthar go mear: capall fada, láidir, fuinneamhail. Féach an bleáigeairdín, nách fada cóta na cabhlach fágtha aige is an sconnaire pípe atá ina bhéal aige: "faid do láimhe" de phíp. Sconnaire díomhaoin, is é lé feiscint ar a thigh is ar a ghnóth: duine árd gan aon chrích air. Ná tagann aon náire air ag imtheacht ina sconnaire ó thigh go tigh: giofaire cainnteach. Déarfadh an sconnaire sin aon rud a thiocfadh ina cheann, ná tabhair faic lé rádh dho: duine gan scoth.

sconnaireacht: *b.3.* neamh-scothacht, grodacht, rúiseacht, giofaireacht, ruathaireacht. Budh chóir do dhuine bheith aireach air féin leis, tá an iomad den sconnaireacht ag baint leis, is minic gur cuma leis cad deir sé: béalscaoilteacht. Is mór go léir an sconnaireacht atá ort: cur cainnte asat nár cheart: ruathaireacht. Pé rud eile atá aige tá sconnaireacht a dhóthain aige: giofaireacht: rúiseacht: cainnt ait gan deallramh.

sconnamhail: *a.* grod, rúiseach; iargcúlta, coimhtheach. Ná bí sconnamhail, machtnuigh sara labhrair: pras: grod: rúiseach. Deineann sé rudaidhe go sconnamhail b'fhearrde é breis foidhne do bheith aige: de gheit, gan réamh-aire ná réamh-mhachtnamh. I bhfíor-bharra Bod i Seasamh a neaduigheadh an fiolar, nách sconnamhail an t-ionad do thoghadh sé: áit a chuirfeadh crithniughadh ort amharc air lé n-a aoirde is a ghéire: a sheasuightheacht. Tháinig an scéal sconnamhail go raibh B'l'Áth Cliath tar éis a phléasctha ón aer an oidhche roime sin: crithnightheach.

sconnóg: *b.2.* scarta, streall, camóg tuinn, focal rúiseach. Níor uain chómh sásta san againn in ao'chor í agus sconnóga troma ag teacht de dhruim tosaigh againn: camóga, basóga. Agus me ar mo chromadh dó scaoil an giofaire cailín sconnóg uisce anuas sa mhuineál orm: streall mar thiocfadh as crúsca, calán, etc.

sconnsa: *f.4.* freanga, arraing, croite. Ghaibh sconnsaidhe fuachta é, agus d'fhóbair do bailiughadh leis: ríodhganna obanna tinnis. Tháinig sconnsa gáiridhe air go gceapfá go dtuitfeadh marbh: trithidhe dubha.

scor: *f.1. 7 3.* scaoileadh (ó); baint as a chéile, dí-fheistiughadh, scaradh, scaramhaint; gabhann; campa, groidhe, scata, eadáil. Ó scor leigeant níor ith sé greim bídh ná níor ól bolgam dighe: ó thúis deireadh: faid bhí rud áirighthe ar lámhaibh aige. Dubhairt leis, d'fhógruigheas air dachad uair scor: stad. Ní fhéadfaidís scor dá chéile go dtí gur goirtigheadh iad uile: stad: tabhairt suas: éirghe dá chéile. Táimíd ar tí scurtha anois go maidean ambáireach agus sinn slán: stad den nidh atá ar siubhal againn. Ag scor an chapaill (ón gcéachda, trucaill etc): ghá scaoileadh na dtarrac a bhí ghá gceangal nó ghá gcuibhreach dá chéile. Níl aon scor puinn ar an sneachtadh sa Rúis: aon lagadh: aon mhaolughadh. Beidh an lá, ar an bhfuadar atá fé, ag cur ó scor leigeant: ó mhaidean go hoidhche. Is fada i scoraibh an diabhail é, is é ná tugann tor ar éinne a bheadh ar mhaithe leis: i gcuideachtain. Nách dóigh libh ná go bhfuil sé in am scurtha anois ní mór go bhfeicfeá cad tá dhá dhéanamh agat: in am stadta. Raghad ar mo scor féin, ní bhead ag brath ar éinne: ar mo chion féin: ag déanamh dom féin. Níl scor cainnte air: ritheadh seama fé. Ag scor an ualaigh thuit soitheach sa chois air, is briseadh í: ag leagadh, ag scaoileadh nó ag baint an ualaigh as áit éigin. Ní dheineann sé scor na gabháil: rud ar bith: rian oibre. Ag scor na líonta: ag scaoileadh an chuibhrigh eatartha. Chómhairleóchainn duit scor di: leigeant di féin. Ní dhéanfaid scor dá chéile anois go mbeidh taobh éigin claoidhte: aon tsos. Seo snaidhm ná fuil aon scor uirthi: aon scaoileadh. Thiar ar a cúl atá scor na casóige: a scaoileadh: a hoscailt.

scor: *f.1.* gearradh; geannc ghearrtha; eag, slisneóg, roinnt, cuid. Sé slighe a choimeádtaí cunntas ar sheal oibre go minic scor do chur i gcipín in aghaidh an lae: eag: gearradh. Sé an scor láir den bhradán an chuid is fearr de: an cannta geárrtar san áit sin. Déin dhá scor den arán (d'aon rud): dhá chuid chomhthroma. Mo chion den mbéile scor beag éisc: cannta. Á, agus tá sé sin déanta aige sa deireadh! cuirtear scor sa chlabhar: eag nó gearradh lé sciain chun a chómharthuighthe.

scór: *f.1.* an bata ar a gcomhartuightí laetheannta oibre sclábhaidhe; gearradh; eag; fiche; áireamh; cunntas; talamh fachta ag sclábhaidhe ó fheirmeóir chun cuardóireachta in aghaidh oibre ar airgead nó in aisce; cáirde. Fear maith dícheallach chun an tsaoghail éinne a thógas a chlann go glan, galánta i mbothán scóir: teach beag ná bíonn talamh ag dul leis agus gurb éigean curadóireacht ar thalamh duine éigin. Dá mbeadh an bothán scóir féin agam .i. fiú amháin aon tsaghas áite chun cómhnaidhthe. Fan leat, níl an scór cúitighthe agam-sa fós leat: an cómhardughadh atá agam ort, sásamh bainte as. Déanfair go maith ach dul ar aon scór leis an mbleaigeárd is mó a bhuaileas umat i gcómhnaidhe: ar aon rian: aithris do dhéanamh air. Buailfead chughat sara fada agus glanfad mo scór leat: díolfad m'fhiacha. Tá comhthrom an scóir gan díol fós agam, tímcheall corónach: an méid a bhí in easnamh. Thug sé trí scór púnt air, agus bhí sé saor go leór air: trí fichid púnt. Ní bhíonn agam ach prátaidhe scóir, agus mar sin is deacair dom mo dhóthain díobh do bheith agam: prátaidhe curtha ar thalamh nách liom.

scoradh: *f.* (*-rtha*) (**scóráil**) deighilt; baint as. Bhíomair i bhfad ag scoradh an éisc, na méireannta ag tuiteam dínn leis an bhfuacht: ghá bhaint as an líon.

scoraidheacht: *b.3.* bothántaidheacht, bailiughadh daoine lé seanchas, rinnce etc. Daoine neamh-chuideachtamhla ná téigheann ar scoraidheacht ná ar cuaird, ná corruigheann amach as an dtigh: ná téigheann ag déanamh cuideachtan amach thar tigh. Beidh scoraidheacht ag an gCraoibh: cóimhthionól go mbeidh cainnt, scéalaidheacht, rinnce is ceól air.

scóráil: *b.3.* gearradh; baint as mhogall. Ag scóráil éisc: ghá bhaint as an líon. Budh mhór an mhaidean scórála í .i. maidean go mbíonn mórán éisc i líontaibh. Tar éis scórála an chnapáin don ndochtúir tháinig othar gránda buidhe as go raibh boladh uaidh: é do lannsáil nó do ghearradh.

scoraim: *b.a.* bainim iasc as mhogall lín. Scoramair an t-iasc amuigh i mbolg na bágha: bhaineamar amach é as an líon. B'é iascaire é b'fhearr a rug riamh ar mhaircréal chun scortha: a fhuascailt as an mogall.

scoraim: (**scuirim**) *b.a.* ₇ *n-a.* scaoilim, fuasclaim, bainim an ceangal nó an chuibhreach de; deighlim ó chéile; sosaim, stadaim, éirighim de. Scuir! éist!: stad de pé rud atá ar siubhal agat. Scuir ded ráidhtibh béil: bí id thost: cuir uait an chainnt sin. Scuiridh is ná bíodh na daoine ag stealla-mhagaidh fúibh ag éisteacht libh ag tarrac dhá thaobh an pharróiste ar a chéile: staonaidh: éirighidh as an allagar. Scuir an ughaim: scaoil an t-ualach aiste: bain uaithi an bruibín go n-osclaidh an sciathán, is go n-imthighidh a bhfuil innte tríthe síos. Scuiridh chun bídh: stadaidh d'obair. Scuir an capall: scaoil é ó pé áis oibre go bhfuil sé cuibhrighthe dhe. Dá scuirtheá an clog san an dóigh leat go bhféadfá a chur ina chéile airís: dá scoilteá gach máille dhe as a chéile ar leithrigh. An tráth a scuireas an lámh de bhronnadh scuireann an moladh: stadaid in aonfheacht. Cathain scuirfidh an tseisreach so?: stadfaid is bainfidh na capaill ón gcéachda. Níor scuir an fhuil leis gur thug sé an braon donn déidheannach: níor stad de shileadh. Scuirfead an leabaidh: bainfead a máillidhe as a chéile. Scuir do líonta den mbeart agus árduigh thu féin in áit éigin eile: scaoil an chuibhreach atá ghá gceangal.

scorán: *f.1.* pionna, dola, taca, gléas ar nós dubháin chun greama d'fhagháil i lúib. Scorán in ionad cnaipidhe atá ina bheast.

scorn: *f.1.* dí-mheas, mí-mheas, aithis. Budh scorn leat lámh do shíneadh chuige, an truaghán, cé go mbíonn tuillte go maith aige: b'oth leat. Ní scorn do dhuine bhocht ciall do bheith aige: ní haon mhí-mheas air caitheamh in aice a choda. Chuirfeadh sé scorn ort bheith ag éisteacht lé leanbh óg san ag cainnt chómh borb: aithis: thiocfadh náire dhearg ort aige. Scorn seadh é, an tslighe atá biadh dhá ídeach sa tigh seo: aithis cheart an roithleach atá dhá dhéanamh de. Ná bíodh scorn d'éinne: táir. Chuirfeadh t'iomchar scorn ar neach ar bith: dí-mheas táir aige ort. Ní scorn leis siúd airgead dhaoine eile do chaitheamh: ní mairg leis é: ní ghoilleann air.

scórnach: *b.2.* an plíopán garbh, scrogall; clais fhada idir dhá chnoc, comar, scrogall, béal cuasa; brágha. Ná beir ar scórnaigh mar sin orm: ná tair grod orm: ná tacht me: tabhair cao cainnte dhom, chun m'fhiacha d'íoc etc. Is iomdha braon gabhtha tríd scórnaigh riamh .i. mór-chuid ólta agat. Béal na scórnaighe: gleann doimhin fada in aice Ghlinn na Smól. B'éigean dúinn fanamhaint ar an linn gur gheal an lá orainn mar bhí an scórnach (an chuasa) ag briseadh: an béal: an áth chaol. Níl i mbéal an chuain ach scórnach, ní furaiste loingseóireacht do dhéanamh ann: slighe chaol: áth chaol. Is fada ar scórnaigh ge n-a chéile iad: iad ag bruighean 'sag achrann lé chéile. Rug sé isteach ar scórnaigh orm: greim daingean ar dhiúich. Níl aon cheal scórnaighe air: tá cainnt go flúirseach. Dá mbeadh sé curtha siar ina scórnaigh .i. é do thachtadh leis, lé rud éigin go mbacann sé leis is gan baint ar bith aige leis. Scaoil as do scórnaigh é: má tá faic lé rádh agat ná bí ghá cheilt. Tháinig scórnach theinn agam ná féadfainn greim ná bolgam do shlogadh. Poll maith scórnaighe aige: diúch go bhfuil slogadh aice. "As do scórnaigh é!" deirtear lé duine a bhíos ag caitheamh ruda is ná taithnigheann san leat nó ná fuil call aige leis. Beir ar ubhall scórnaighe air: meall brághad: an cnapán garbh.

scórnán: *f.1.* práisléad muiníl. Scórnáin óir: órnáididhe scórnaighe.

scórnánaidhe: *f.4.* duine, ainmhidhe, rud fad-scrogallach. Scórnánaidhe éin seadh an eala: scrogall mór fada uirthi. Ní féidir an scórnánaidhe sin do shásamh lé biadh: rud fad-mhuineálach. Scórnánaidhe duine: duine scruibil-mhuineálach. Scórnánaidhe buidéal: ceann fad-scrogallach.

scórnghail: *b.3.* gleódh, greamughadh ar scórnaigh. Cad í an scórnghail atá ort-sa nó cé leis is dóigh leat go bhfuilir?: cad í an chainnt mhór atá ort. Tabharfaidh an scéal so scórnghail dóibh: cúis mór-chainnte. Nuair bhíonn braon caithte aige bíonn scórnghail bhrághad an domhain air, ní bhíonn éinne ar an saoghal chómh maith leis: maoidheamh is bladhgar. "Cá bhfuil an scórnghail bhrághad anois?" fiafruightear i dtaobh dhuine go raibh bladhgar aige is gur buadhadh air nó gur theip air faic do dhéanamh.

scortha: *a.r.* bainte as an mogall. Iasc scortha. Bhí an mhaidean caithte sara raibh an t-iasc scortha againn, bhí sé chómh trom san: bainte as an mogall.

scortha: (**scurtha**) *a.r.* saoilte, deighilte, an cuibhreach bainte anuas; bainte as a chéile. An craolachán scortha i gcóir na hoidhche: stadta do bheith ag cur amach. Fear scortha díomhaoin is cuma dho cá ngeóbhaidh sé 'e bhreis ar fhear go mbíonn cúram muirir air: gan cheangal, gan chuibhreach, gan aon mhuirearaighe ach a dhrom 'sa bholg féin. Is fada scortha as an arm iad: scaoilte as. Ná fuil an capall scortha fós?: bainte ón dtrucaill, céachda etc.? Tá an lánamha scortha leis na bliadhantaibh: scartha ó chéile: an chuing phósta scaoilte. Dá mbeadh an gluaisteán scortha bheadh a fios agat cá bhfuil an mháchail uirthi: a chómh-mháillidhe bainte as a chéile.

scot: *f.1.* bailiúchán chun díol as fleadh; airgead póna nó foghla. Bíonn do chuid caorach i síol féir orm, cuirfead scot ort: éiric airgid as an méid foghla atá dhá dhéanamh aca. Íoc an scot sara n-iarrtar a thuilleadh ar cáirde: an méid atá amuigh ort. Is baoghalach liom go bhfuil a scot díolta aige: go bhfuil a shaoghal istigh. Scot fiaráin: scot foghla.

scoth: *b.2. 7 3.* earr, barr, sprochaid; silteán mar bhíonn as bhinn mná, faobhar nó poinnte, triopall, glib; togha is rogha; scairbh; scuabóg; lótaidhe; flós, bláth; críonnacht; stuamdhacht. An scoth earbaill a bhíos ar shionnach: earball scuabach. Bíonn scoth chaol ar phus na longa: ruibe caol amach as. Déarfadh seisean aon nidh, béal gan scoth atá air: ciallaidheacht cad budh cheart do rádh is do dhéanamh ar ócáid áirighthe. Is mithid an scoth ghruaige do chaitheamh anuas, tá sí ag teacht isteach id shúilibh: lomradh trom. Bád ró-dhoimhin í, ní shnámhfaidh sí ann, tá scoth ag rith amach ón dtalamh: scairbh ná fuil puinn uisce uirthi. Ní maith liom scoth féasóige orm: féasóg fhada. Is gnáthach lé fód stuaicín scoth do bheith air: stuaic: turtán: loca. Bailigh as an áit anois scoth an dín: lótaidhe: na blúiridheacha léas a bhíos spártha. Bhuail scoth cloiche sa tsúil air is ghearraidh go maith é: scolb. Sin é an chéad scoth plúir agat, níl a bhualadh ar an margadh: an chéad rith. B'í scoth na mban lé n-a linn í: plúr na mban. Sin í an scoth cheart chruithneachta(n) don áit seo, is í is fearr a fhásfadh ann: an cineál ceart. B'í Máire scoth an phobail: an bhean budh bhreághtha dá raibh ann. Níl aon bhaoghal ná go bhfuil scoth mhaith air agus ná go dtabharfaidh treáil uaidh: é ar aiste mhaith: i gcroth 'si ndeallramh maith. B'iad scoth na nGaedheal a throid Seachtmhain na Cásca: an chuid dob fhearr aca. Chuir an táilliúir scoth mhaith ar an gculaith sinn: déanamh is críochnughadh slachtmhar. Ó, an diabhal scoth chun oibre air, tá sé chómh díomhaoin lé bacach a chaithfeadh a mhála dhe: aon chuma ná crot chun gnímh. Scoth fir atá ann ar aon rud go gcuirfí chuige é: toghadh fir. Chaith scoth nó dhó sa bhearnáin ná leigfidh aon ainmhidhe i bhfoghail sa ghort: scathán. Níl ionam ach scoth i mbearnáin: duine curtha in ionad duine eile lé linn ganntair.

scoth-: *i gcfbh.* barr-, cuibheach-, rogha, sár-, fo-, bláthmhar, etc. Táim scoth-aosta anois chun aon chuimhneamh ar phósadh do bheith agam: meádhon-aosta: dulta thar an dteórainn. Tá scoth-aois ag an mbuin sin: druidte isteach ins na bliadhantaibh. Fear scoth-árd é seo, níl in ao'chor chómh híseal is an fear atá i dtreis agat-sa: thar meádhon-aoirde. Bean go bhfuil scoth-aighneas maith aice: cainnt go leór. Beidh do lán-dhóthain cúraim ort do thriall do bheith sroichte agat roim oidhche, tá scoth-aistear rómhat: aistear fada go leór. Scríg sé scoth-aiste ar an gcogadh, in áiteannaibh do bhí fuaimeant mhór léi: aiste chuibheasach, mhaith. Táir ró-scoth-bhéalach, ní leigfinn aon rún leat: béal-scaoilteach: níl aon fhothain ionat. Ní bheadh an iomad muinghine agam as an mbád san, tá a hadhmadaidhe scoth-bhriste: briste go leór chun a díoghbhála do dhéanamh. Feóil scoth-bhruithte ní fhéadfainn dul ina goire, tabhair a thuilleadh teineadh dhi: gan a dóthain beirbhthe factha aice. Níor baineadh an gráinne go léir as an gcraoibh, ní bhfuair sé ach scoth-bhualadh: bualadh éadtrom. Thugadar scoth-bhualadh maith dhom, bhí triúr aca ag gabháil dá ndórnaibh orm: bualadh go rabhas dóthanach de. Tá sé ina scoth-bhligeárd chómh maith leis an gcuid eile aca: bleaigeárd slachtmhar. Dhein sé scoth-bhailiughadh airgid faid bhí sé thall: chruinnigh sé deascán beag airgid. Ní bhfaghann sé ach sláinte scoth-chuibheasach sa gheimhreadh, bíonn múchadh ag gabháil de go minic: idir eatartha. Scoth-chabhair seadh é, má tá sé óg féin, is iomdha rud a dhéineann sé tímcheall an tighe: cabhair nách beag. Níor cheart gearán ar an oidhche bhí scoth-chuideachta againn: bhaineamair subháilceas aiste. Níl an cúrsa go holc in ao'chor ges na daoinibh fós, níl ach scoth-chruadhtan beartha ar na daoinibh: iomard ná fuil ró-dhian. Bím scoth-chráidhte go maith nuair ná bíonn ag éirghe liom chun mo shástachta: leath-chlipithe. Gheibheann sé

scoth-chóngamh chun maireachtana ós na cómharsannaibh a chuireas ar a chumas do fanacht ó thigh na mbocht: cabhair chónganta. Sin buachaill go bhfuil scoth-chiall dá aois aige, ní haon amadáinín agat é: ciallmhar go maith do. Bím scoth-chneasta leis mar is lán-fhuraiste fearg do chur air: chómh cneasta agus oireann dom. Ní raibh ach scoth-cheannach ar mhucaibh ar mhargadh an lae indiu: luach ná raibh ró-árd. Ní ró-dheacair rud do chur ina chloigeann, tá scoth-cheann air: inchinn atá éascaidh lé foghluim. Capall scoth-chrosta atá aige nár mhór bheith aireach air: leagtha go maith lé crostacht. Fear scoth-dhána ar an bhfarraige seadh é: neamh-eaglach. D'aindeóin a bhochtanachta bíonn sé scoth-dhúthrachtach dá mhuinntir: ar a dhícheall chun cabhartha leo. Saoiste scoth-dhian seadh é, níor dheacair fear gur bh'fhearr oibriughadh dó 'ná é d'fhagháil: dian a dhóthain. Dhein sé scoth-dhícheall d'aindeóin a bhacaighe, ar a bheith ann ach níor éirigh leis: deithineas agus imshníomh. Oidhche scoth-dhorcha nár mhór duit bheith aireach ar do chéim: cuibheasach. Níor mhaith liom aon bhreitheamhnas do thabhairt, níl agam ar an gcúrsa ach scoth-eólas: breac-eólas: eólas neamh-iomlán. Ghéillfinn duit, tá scoth-éifeacht léd scéal: fuaimeant cuibheasach maith. Deirtear go bhfuil scoth-éileamh aca ar a chéile, ní bheadh aon iongadh ar dhuine dá bpósfaidís: ceanamhail go maith ar a chéile. Tá sé ag teacht chuige féin, tá scoth-éileamh tagtha ar an mbiadh aige lé geairrid: breis fhonn chun a ithte ná raibh. Is minic a bhí scoth-easnamh orm maidir lé duine: easnamh ná raibh ró-dhian ar fad. Geárrfaidh an scian anois, tá scoth-fhaobhar uirthi: faobhar measardha. Thugainn scoth-fhéachaint ar an leanbh ar eagla go raghadh sé isteach san uisce doimhin: fo-fhéachaint: níor thugas aon fhaillighe ann. Tá scoth-fhear déanta dhe ó chuaidh sé 'on chathair: fear go bhfuil deallramh is crot maith ag teacht air. Ar scoth-fhearas thug na saighdiúiridhe seasamh maith uatha: fearas is gléas cuibheasach. Baineadh scoth-fhreagra dhe: freagra dá aindeóin. Oidhche scoth-fhliuch is bhí pluda trom ar an mbóthar: fliuch go leór. Deirtear go mbeidh prátaidhe scoth-fhlúirseach ar an ndeallramh atá fútha: go mbeidh cuid mhaith dhíobh ann. Aon chúis gháirdeachais níl agam, ní bhfuaireas ach scoth-fháilte: fáilte ná raibh ró-dhúthrachtach ar fad. Fágaimís an tábhairne seo, níl ach scoth-fhreastal dá fhagháil: freastal bocht, mall. Luigh isteach fén scairt seo, beidh scoth-fhothain ón gcioth: cosaint mheasardha. An tráthnóna céadna tháinig scoth-ghaoth aniar ón bhfarraige ná féadfaí dul ag iascach: gaoth ró-láidir. Ubhla scoth-ghéara ná féadfainn puinn díobh itheadh: ró-shearbh. Thuit fód dearg ar mo chois nochtuighthe agus scoth-ghreadadh go maith me: dóghadh go trom me. D'ólfá anois as, tá sé scoth-ghlan: cuibheasach glan. Tá an capall san scoth-íseal don ngnóth atá agam-sa dhe: mós íseal .i. dá mbeadh sé níos aoirde is fearr d'oirfeadh sé dhom. Mara mbeadh ná raibh an doras scoth-iadhta, ní osclóchadh sé chómh bog: iadhta go lag. Thug an namhaid scoth-iarracht orainn airéir agus dheineadar scrios beag orainn: iarracht láidir go maith. Beidh scoth-lá againn ar an méid airgid atá againn ach gan bheith ró-rabairneach: lá cuibheasach maith suilt agus aoibhnis. Ainmhidhe scoth-láidir dá thoirt seadh an t-asal: an-láidir. Soitheach scoth-lán fós seadh é, tairrngidh air: cuid mhaith ann. Cé nár dhóigh leat choidhche air é, tá sé scoth-léigheanta: oileamhaint chuibheasach air. Seasóchaidh na bróga san tamall maith ar an scoth-leathar atá ionta: leathar righin, taithigeach. Tá sí chómh scoth-leadhbach lé duine: ní chleachtann sí béal ciúin. Buachaill scoth-líomhtha as a chosaibh seadh é, budh ghearr an mhoill air smut de bhóthar do chur de: ceólmhar. Éirigheann sé scoth-mhoch sa tsamhradh: moch go leór. Maidean scoth-mhoch ná raibh puinn ina suidhe chonnac chugham an duine is chuir sé iongadh orm éinne do bheith ann an tacaid sin: maidean an-mhoch. Cladhairidhe an chuid budh mhó aca, ach bhí beirt

scoth-mhacánta ortha: ná raibh chómh dona. Mo dhóigh ná héireóchaidh in ao'chor leis, níl fachta aige ach scoth-mhúineadh: teagasc ná fuil iomlán. Ubhla scoth-mhilse: milis a ndóthain. Níl aon bhaoghal ná gur bean scoth-mhánla í: mín, macánta. Dá mhéid a bhfuil bainte ann di tá scoth-mhóin fós ann: móin mhaith a dóthain. Táinig scoth-mheanma dhom nuair ólas an braon maith: múscladh maith spiride. Tar éis tamaill tháinig sé chuige féin agus bhí scoth-mheabhair aige: meabhair nár bh'olc .i. a chuimhne is a thuigsint níos léire. Bíodh muighin agat as, tá an scoth-mhianach ann: mianach a dhéanfadh gníomh. Déarfainn ar an airgead a dhein sé a fhaid do bhí sé thar lear go ndeárna sé scoth-mhúscailt air féin: gur mhotháluigh sé é féin chun saothair. Ar bhfeicsint na cabhrach ag teacht fém dhéin tháinig scoth-mheisneach orm go mb'fhéidir go saorfaidís me: breis mhór ná raibh. Tháinig scoth-náire air nuair fuairtheas amach air gurb é an t-éitheach a bhí aige: náire mór ina thaobh. Cé ná fuil sé chómh láidir lé n-a lán eile tá scoth-neart ann: measardha. Níl aon chall fós agat lé héadach, tá an chulaith sin ort scoth-nuadh .i. i bhfad ó bheith lom-chaithte. Bíonn sé macánta go leór go gcuirtear olc mór air, annsan bíonn sé scoth-nimhneach: feargach, tuaisceartach go leór. Dhéanfadh an capall scoth-obair fós ar chineál do thabhairt do má tá scoth-aos féin aige: obair ná beadh trom. Bhris scoth-phian amach ina chliathán, is b'éigean do an leabaidh do thabhairt air féin: pian ná féadfadh fanacht ar a chosaibh leis. Dhe, deir sé scoth-phaidear: ceann fo-uair. Ní mór an t-eagla ortha, mar is fada nár caitheadh leó ach scoth-philéar: ceann anois is ceann airís. D'fhásfadh scoth-phrátaidhe in ithir mhaith: prátaidhe nár ghearánta dhóibh. Dá bhfaghadh sé coirce lom dhéanfadh sé scoth-rás fós: rás nár bh'aon náire dho. Is ar an eascúin do bhíonn an croiceann scoth-righin: deacair lé stracadh nó gearradh. Ubhla maithe scoth-reamhra iad san gur fiú an t-airgead iad: gan aon cheann beag ná truaillighthe ortha. Tá scoth-radharc fós agat is a rádh go bhfuilir ábalta ar léigheamh: radharc maith i dtreis a aoise. Á, déin scoth-riar ach go háirighthe, ná tabhair é go léir do dhuine nó do bheirt: riar cuibheasach: a thabharfadh sásamh éigin do dhaoinibh. Scoth-rothar ar thalamh shocair seadh é, ach ná fuil aon mhaith i gcoinnibh an aoird ann: a dhéanfadh an gnóth go maith. Scoth-ruathar do thugann eitealláin ar an áit seo lé déidheannaighe, thagaidís an-mhinic roimhe seo: turuis nách gann agus nách flúirseach. Dá mbeadh an aimsir cruaidh fuar anois ann thiocfadh scoth-scata míodhg annso: fo-scata. Tagann scoth-scoláire maith as an scoil chéadna: fo-dhuine go mbíonn léigheann maith air. Caith uait, níl éinne a chidhfeadh é ach duine go dtiocfadh scoth-scannradh air: eagla maith. B'fhéidir go ndéanfadh sé scoth-scol amhráin do chur as dá mbeadh an braon fén bhfiacail aige, ach go dtí san ní bheadh gíog as: chasfadh sé suas guth ar bheagán amhrán. Scoth-sclábhaidhe rainne seadh é, ach ná fuil aon mhaith ar chéachda ann: gan puinn lochta air chun rómhair, etc. Fear maith dob eadh, mhais, leigeadh sé dos na fearaibh scoth-stad do dhéanamh tríd an lá: stad anois is airís. Éireóchad asta, táim scoth-scriosta ges na cárthaidhibh céadna: cuid mhór airgid caillte agam ortha. Abradh gach éinne an rud is maith leis, ach tá furmhór an domhain scoth-sceimhlighthe ag an gcogadh so: eagla chúcha is uatha ortha aige. Dhein sé scoth-shioc airéir in áiteannaibh eile, chonnac screamh leac oighreach ar luig ar maidin: sioc cuibheasach trom. Féach ar scaoil sé siar in aonfheacht is aige atá an scoth-shlogadh: maith, mór. Is fada buidhe ó bheith cneasuighthe an chneadh so, tá scoth-shileadh ag teacht fós aiste: tagann cuid mhaith aiste. Thabharfá airgead mór anois ar scoth-shicín: mór gan bheith mór ar fad. Dhéanfainn scoth-sheinm díbh lé broid, ach seachas san, éirigh asam: saghas go ngeóbhfaí leis lé linn gábhtair. Aimsir scoth-scrabhainneach adtuaidh agus fuacht maith

ann: báisteach ina raistidhibh ar eitreamhaibh. Mara mbeadh scoth-shuan do bheith air dhúiseóchadh an tuargaint seo é: codladh trom. Á, mhuise, an sprionnlóir, is scoth-shuarach an síntiús do thug sé dhuit: mós suarach. Cuireann sé scoth-shuim i ngach rud – feirmeóireacht, iascaireacht, léigheann, etc.: suim chosamhail. Chómh maith agus is maith liom Dia d'fheicsint, ní bheidh fonn orm dul ina ghaobhar, tá scoth-stradhain air: an oiread is nách taithneamhach liom. Ná bíodh aon argóint agaibh scoth-shruth seadh í, nó a leithéid eile ná tiormuigheann le tiormach mór: sruth go gcuid mhór uisce. Má tá biadh maith féin aige ann agus obair ná fuil dian tá scoth-smacht: cuibheasach cruaidh ná leigtear a cheann 'sa chosa ar fad leis. Ag an sean-slighe in aimsir ár muinntire bhíodh scoth-sholas aige a dheineadh a ngnóth go maith: solas maith a dhóthain dóibh. Scaoil chugham scoth-streall den leann dubh san, tá scoth-thart orm: spalladh maith. Beidh scoth-thástáil agat ort féin anois, tá fear maith istigh leat ná fágfaidh aon fhuacht ort: do dhóthain mór lé déanamh. Nílim díomhaoin ó mhaidean, tá scoth-thuirse anois orm: táim tuirseach go maith. Budh chóir go mbeadh neart orm is an scoth-théagar atá ann: é téagartha teann go maith. Tá scoth-thuigsint agam ar Fhrainncis do léigheamh ach tá sí mós maith dhom do labhairt: léighim cuibheasach í. Ní déarfainn go bhfuil puinn eile seasaimh ann anois, tá sé scoth-thugtha ag an stros atá beartha air: a neart tráighte go maith. Thugas scoth-thuairm do cér bh'é, féach, a dhreatháir a shaoileas dob é é: tuairm chruinn nách mór. Bheadh scoth-thruagh agat ar an íde a bhí air, cé ná beadh aon truagh aige féin d'éinne: ádhbhar truaigh. Ualaighe scoth-throma ortha ach go raibh na fir láidir: mós trom: ró-throm don té ná beadh an neart ann. Is geairrid eile dhéanfaidh sé anois, tá sé scoth-thréigthe: "in earball a shíbhialtachta". Talamh ná bíonn ach scoth-threabhtha ní maith an earra: leath-threabhtha. Caithfead m'anál do tharrac táim scoth-thraochta ag an gcnoc san, tá sé géar, seasuightheach: tuirseach go maith. Brostuighidh nó ní bhéarfaidh sibh ar an ionbhaidh tá sé scoth-thráighte: an t-uisce síos go maith. Bain scoth-tharrac as an mbuidéal: ól cuid mhaith dhe. Gheibheann siad scoth-thuarastal ag obair ar armáil ach má gheibhid níl scoth-bhiadh aca: airgead maith. Is lán-mhithid san do bheith caithte as do lámhaibh agat, tá sé scoth-tamall ar siubhal agat: a fhaid go maith is go mbeadh sé críochnuighthe agat. Tímcheall lé chúig mbliadhan ag múineadh dho anois budh chóir go mbeadh scoth-thaithighe aige ar scoil 'sa mbaineann léi: taithighe a mhór-dhóthana. Scoth-uair a thagann, mhuis, ní cuimhin liom cathain thug sé cuaird orainn anois: fo-uair: an-annamh. Chuirfeadh an fear céadna ag gáiridhe duine leis an scoth-ughdarás a ghabhann sé chuige féin: ughdarás gur dóigh leis go mbíonn ceart aige air. Níl aon cheal scoth-uaisleachta air, dá mbeadh an cur leis aige: galántacht mhaith. Ná bí ag casadh a ghníomhartha leis, pé rud adeirir, tá sé scoth-bheannuighthe: roinnt bheannuightheachta ag baint leis. Aon teine ní dhéanfadh an t-adhmad dom, tá sé scoth-lobhtha: an chuid is mó dhe tréigthe. Níl sé ar mo chumas puinn do rádh ina thaobh, níl ach scoth-aithne agam air: aithne chuibheasach.

scothach: *a.* stuaiceach, locach, dualach, scuabach, bláthach, líomhtha. Braimichín scothach: go mbeadh muing fhada nó earball fada air, nó an dá nídh. Eascú mhór, dhubh, scothach: go raibh scothach (clipe) siar ar a drom agus fé n-a bolg. Fóid mhór scothacha dhá bhaint aige: go raibh stuaic mhór féir etc. ortha. Nách mithid don gceann scothach a bhearradh: fad-fholtach. Tabhair an soisiúr ar an gcorrán scothach san agat: féasógach. Bíonn sé an-scothach ar a bhéal nuair bhíonn braon caithte aige: ritheadh seama fé. Pé

bliadhanta atá aige tá cuma scothach air: óigíneach. Cá hiongadh don gcaora bheith scothach is lomra dhá bhliadhan uirthi: mórán olna do bheith uirthi.

scothadh: *f.* (*ththa*) sileadh, teascadh, bearradh, sciobadh, feannadh, baint, scaradh, sárughadh, claoidhe, tanughadh, milleadh, lótaidhe, gráinne tar éis a mhion-scilligeadh. Chaith sé dhá mhíle púnt in aon bhliadhain amháin nár mhór an scothadh ar airgead é: caitheamh fiadhain. Ní bhfaghaidís milliún púnt chun cabhartha na ndaoine in aimsear shíothchána, in aimsir chogaidh ní bhíonn aon teóra leó ghá scothadh: ghá chaitheamh go flúirseach: tarrac teann air. An ceann budh cheart do scothadh de ná d'aon bhleaigeárd eile mar é: do theascadh: do sciobadh. Ag scothadh an lín ar thaisteal: ghá tharrac tríd is ag baint an ruis as. Is clos dom nách fada ná go mbeidh an Riaghaltas ag scothadh ár dtuarastail: ghá chiorrbhadh. Beir ag scothadh an adhmaid sin leis an bplána go mbeidh sé ró-lag: ghá dhéanamh tanaidhe. An charraig fhiadhain, choimhtheach dá chruadhacht í dá scothadh ag an bhfarraige: ag imtheacht ina blúire is ina blúire. Ag scothadh an bharra den bhfál lé deimheas: ghá bhearradh. Tóg scothadh an ghráinne: an chuid is fearr de. Is baoghal liom gur fearr go mór an cailín eile 'ná thu, taidhbhsightear dom go bhfuil scothadh den gcarraig ón órd agus ghearraidh go maith sa chluais me: scolb: slis: blodh. Is gránda an clódh atá ar an ndomhan anois, na cineadhach (cineacha) ag scothadh a chéile ar muir, ar tír is ins an aer: ag treascairt is ag milleadh.

scothamhail: *a.* toghtha, den gcuid nó den gcineál is fearr, cáiréiseamhail. Dream scothamhail is dóigheamhla do bheith ar an gcóisir sin is ní daoine bochta ná dealbha: cáiréiseamhail. Sid é coirce scothamhail an mhargaidh: an chuid is toghtha dhe. Fuaireas an té budh scothamhla sa tsiopa: ní raibh aon té ann dob fhearr 'ná é.

scothán: *f.1.* barr; earr, toirín; tor beag craoibhe. Lasfadh sé ar nós an scotháin aitinn: cos go mbeadh "craobh" air (bíonn so-lasta). Gála gaoithe de dhruim an chnuic go raibh scotháin dhá réabadh as an dtalamh aige: tuir bheaga aitinn is craoibhe. D'fhág an cladhaire ina scothán i mbéal bearnán í tar éis bheith ag siubhal léi ar feadh na mbliadhan: tógadh me nuair ná faghfaí éinne im ionad is me féin tréigthe. Caith scothán sa bhearnáin: sceacha nó aiteann. Sáthaidh scothán fén gciteal: cos chraoibhe nó aitinn go mbeadh craobh uirthe. Bheirinn scothán (craoibhe) liom ón gcnoc chun beistidhe do ghlanadh: tor.

scothánach: *a.* mothallach, scuabach, earrballach, stuaiceach, aiteannach, craobhach; giobalach; gliobach. Ar leirg scothánach den gnoc do gheóbhfá cearca fraoigh má gheóbhfá in ao'chor iad: mar a mbeadh craobh go flúirseach. Páirc scothánach thaoibh cnuic ní furaiste a briseadh bíonn mórchuid préach innte .i. toramhail. Sean-bhuachaill seadh an sionnach so, féach an t-earball scothánach atá air: scuabach.

scothanáil: *b.3.* briseadh, gearradh, stráiceáil. Cad é an scothanáil atá agat ar an mbosca san? Fág slán é, gheóbhfaí áis éigin de: cuid do bhaint de anois agus airís. Budh mhór an truagh an blúire breágh adhmaid sin do scothanáil chun teineadh: do smiotadh.

scothóg: *b.2.* méirín (binne), bláth; crathán síoda nó snáith snaidhmthe nó bailighthe ar a chéile ag a gceann, ina shaghas ornáide ar bhinn mná (caipín, bratach, etc.). Lom(a)-

bhinn a bhí uirthi go raibh na scothóga scoithte dhe: na méiríní snoighte, caithte. Scothóigín earbaill a bhíonn ar an iasc céadna: earr beag.

scótráil: *b.2.* gearradh, spreóitseáil, lat, roithleach; leadradh. Tair i gceart chun an éisc sin is ná déin a scótráil, tá sé ag imtheacht ina ghéiridheachaibh: spreóitseáil neamh-shlachtmhar do thabhairt air. Féach cad tá déanta agat leis an bhfeóil léd chuid scótrála, cé íosfadh anois í?: gearradh gránda: lat. Is cuma leó ach bheith ag beirbhiughadh na feóla leó, is bheith ghá fágaint gan itheadh, ní nath aca an scótráil: an roithleach. Geallaim-se dhuit go bhfuair an bloc adhmaid scótráil uaidh leis an dtuaigh nuair tháinig an t-olc air: gearradh is spreóitseail: útamáil.

scótrálaidhe: *f.4.* gearrthóir, spreóitseálaidhe, millteóir, útamálaidhe; ablálaidhe, gearrthóir aindeis. Aon eólas níl agat ar bhreac éisc do scoltadh, níl ionat ach scótrálaidhe: útamálaidhe. Ní siúinéir é sin ach scótrálaidhe: ceárdaidhe a mhilleas adhmad. Aon rud a chuireann sé roimis do dhéanamh laiteann an scótrálaidhe é: útamálaidhe. Is tú an scótrálaidhe is mó chonnac riamh ag gearradh phrátaidhe síl, féach an roithleach ar fad id dhiaidh: útamálaidhe.

scótrálim: *b.a.* geárraim, ablálaim, útamálaim, laitim. Scótráil sé na prátaidhe breághtha lé n-a sciain ná féadfá a n-itheadh ina dhiaidh: ghearraidh sé go holc iad. Scótráil an oiread den mbíoma leis an sean-thuaigh 'sa dhein teine dhúinn: bhain anuas lé barr nirt ina scolb is ina sciolpa é.

scótrálta: *a.r.* gearrtha, laitighthe, ablálta, útamálta. An cócaire is fearr in Éirinn, ní fhéadfadh an fheóil sin do bhruith id dhiaidh ar an gcuma atá sí scótrálta agat: droich-ghearrtha. In ionad an tsíl do ghearradh i gceárd is amhlaidh atá sé scótrálta: abláil déanta air. An táithfhéileann scótrálta ges na diabhail ghabhair sin, níl pioc de lé n-a chéile aca: millte: laitithe. Níl aon tsuidheachán sa scoil ná fuil scótrálta ag an ngarsún céadna san lé n-a sciain i nganfhios don mháighistir: manntálta.

scráb: *b.2.* scríobhadh, scrabhadh; scalladh; lom(a)-chárta. Bhuail scráb ghaoithe í sa chliathán is chas tímcheall ina ballabhóbáisín í: treighid ghaoithe. Tháinig scráb cheatha a bhain glór as an gceann peilte: cioth go raibh clagairt aice. Dá bhfeictheá an scráb a chuir an cat ionam, nách canncarach an rud é: scrabhadh, sríobhadh. Scrábanna ná faghadh aon chúig choidhche a bhí agam: cártaidhe gan mhaith. Lámh scráb: iad go léir gan tairbhe. B'olc an bórd cártaidhe é, mar rith leis an scráib sin deich triuich thiar ar deireadh: díg na gcártaidhe. Níl oiread is scráb agam tar éis mo shaoghail: faic in a'chor.

scraba: *f.4.* clúdach beag éadrom, scríobadh. Connus bheadh toradh in aon áit ná fuair ach scraba aoiligh: brat beag fánach. Níl de chasóig air ach scraba: giobal éadtrom gan tathag. Caith chugham scraba éigin (tobac etc. etc.): ádhbhairín. Tagann scraba ar leamhnacht nuair théadhamhuigheann sé: barra: scannán.

scrabach: *a.* gioblach, stroilleach, neamh-ghasta, garbh, neamh-iomlán. Nách scrabach a shín sé chughat, níor scrios sé é féin leis: sciotaithe sprionnlaithe. Cuir i dtreó na rudaidhe sin ar fuaid an tseómra, tá cuma an-scrabach air: neamh-shlachtmhar. An clódh scrabach

atá ort féin is ar do chuid éadaigh, de dheallramh ort nár shínis lámh chughat féin lé coighcíos: neamhghasta, teimhealuighthe. Is scrabach na bróga atá ort, níl iall ionta is nílid glan ná smearadh fútha: gan cuma ghasta ná ghlan.

scrábach: *a.* neamh-chríochnamhail, garbh, neamh-mhín, manntach, gioblach; cinnte, sprionnlaithe, gann; salach, ceódhmharánach. Talamh scrábach ina bhun síos seadh é, níl ann ach carraigeacha is aiteann: garbh. An béal scrábach atá innte ní ghearrfadh sí faic duit: manntach, neamhmín. Sean-scian scrábach ná geárrfadh an tobac féin duit: manntach: maol: meiliteach. Bíonn sé an-scrábach fén scilling, ní scarfadh sé léi ar aon rud: cinnte, sprionnlaithe. Tá an té go scrábach anois agiann: an-ghann. Maidean scrábach nách mór an taisteal do dhéanfá gan bheith fliuch gan cosaint mhaith: ceódhmharánach: salach.

scrábach: *b.2.* duine nó rud nách fiú puinn. B'olc na cártaidhe a bhí an uair úd agam, scrábacha go léir: rudaidhe gan luach. Scrábacha go léir a bhfuil sa pharróiste seo anois, níl oiread is bean óg ortha: mná go bhfuil a gcúrsa tugtha: a bheadh thar a gclainn. Na scrábaigh chártaidhe atá aige níor bh'fhearr rud do dhéanfadh leó ná a gcur i bpaca: rudaidhe gan tairbhe. Na scrábacha sean-bhróg atá air, ní bheidís ar dhuine ná beadh a bhfiacha aige: leighcididhe.

scrabhadh: *f.1.* (do) scríobadh, (do) ghearradh leis na hingníbh (béim iongan), spealadh (scuabadh spealta); cantam maith; tochas; ionsaidhe. Scrabhadh leathair: cumaisc. Thug sí scrabhadh leathair do: chumaisc sí é. Bhain sé scrabhadh (leathair) di: chumaisc sé í. Tá scrabhadh treasna a phluic mar bheadh tar éis iongan, cad chuir ann é?: gearradh caol, éadtrom sa chroiceann. Ní puinn é sin níl ann ach scrabhadh tairnge: gearradh beag. Cuir uait anois é, tá sé scrabhadh maith agat: tamall. Ní ar a fheabhas ar fad ach bhainfeadh duine scrabhadh as: tamall: seal. Thug sé scrabhadh laetheannta in ár measc: ádhbhar. Scrabhadh bliadhan i Mearaice aige: mór-chuid. Stadfad nuair bheidh scrabhadh maith oibre déanta agam: cantam: mo chion go maith. Brostuighidh nó ní bheidh deireadh déanta agaibh, tá scrabhadh mór den mhaidin caithte cheana féin: cuid mhór. Thugas scrabhadh den oidhche ag bothántaidheacht: tamall cuibheasach. An chéad scrabhadh do thug sé leis an speil chuir sé a barr i dtalamh: buille. Scrabhadh leis an gcorrán: gearradh aon iarrachta. Is maith trom an scrabhadh féir é sin cois an chlaidhe anuas: sraith bhreágh shaidhbhir. Aon lá oibre níor bh'eadh é seo, scrabhainneacha andeas ann: ceathanna lé gaoith. Clos dom gur thugais scrabhadh maith airgid ar an siopa mór so: cuid mhaith. Lá maith fada anois ann, is maith an scrabhadh a bheadh siubhalta ag duine ó gheal sé indiu: bheadh taisteal cuibheasach mór. Ní raibh sé ar meisce ach bhí scrabhadh maith ólta aige. Phós scrabhadh ambliadhna: sluagh nách gearánta lé n-a luighead. [Tá iolardhacht ag baint leis an bhfocal so mar atá: - s. báistighe, féir etc.]. Bíonn scrabhadh maith éisc ges na báid an tseachtmhain seo: cuir mhaithe: cantam mór. Fé dheireadh an chogaidh seo beidh scrabhadh ar cheannuightheóiríbh chun stuic: dúil aca chun a gceannach. Ná bí ghod scrabhadh féin mar sin os chómhair na ndaoine: ghod thochas féin ró-chruaidh. Stad de scrabhadh na fuinneóige sin leis an sciain: de chur riasta nó rianáin ar an ngloinne. Fuair sé scrabhadh mór. Níl aon oidhre ortha ach cait ag scrabhadh a chéile: ag síor-achrann. Thug an breitheamh scrabhadh den dteangain don atúrnae: íde bhéil.

scrabhadáil: *b.3.* scríobadh, achrann, casaoid, clampar. Bíd ag scrabhadáil ar a chéile in aghaidh an lae, budh scorn leat bheith ag éisteacht leo: ag tabhairt na teangan dá chéile. Tar éis na scrabhadála go léir nách grádhach, síothchánta atáid anois: an achrainn. "An rabhadar ag bruighean?" – "thárlaidh scrabhadáil eatartha": clampar. Bíonn scrabhadáil éigin i gcómhnaidhe aige lé duine éigin nuair bhíonn an braon caithte aige: achrann nó salacharáil bhruighne. Scrabhadáil chatha a bhí eatartha indiu: ionsaidhthe éadtroma.

scrabhadálaidhe: *f.4.* scríobaire, duine achrainn. Is maith an scrabhadálaidhe an coinín: scríobálaidhe gainimhe. Ní mhairfeadh an scrabhadálaidhe úd gan bheith in achrann lé duine: clampaire. Scrabhadálaidhthe nách fearrde aon tigh tábhairne go dtagaid isteach ann: lucht achrainn.

scrabhadóir: *f.3.* scríobálaidhe; sprionnlóir; scríobaire, scriosaire. Níor mhór duit scrabhadóir chun cinn na píope seo do ghlanadh, tá sí an-shalach: fearas chun a scriosta. An chéad phingin do thuill sé riamh tá sí ag an scrabhadóir fós, is é is greamuighthe ar airgead: meilimíneach: sprionnlóir. Dá mbeadh rud fé chloich bheadh sé ag an scrabhadóir sin: scríobálaidhe: bailightheóir cruinn.

scrabhadóireacht: *b.3.* scríobáil, tochas, sprionnlaitheacht. Scrabhadóireacht treabhtha atá déanta ar an ngort, budh dhóigh leat gur cearc a dhéanfadh é: scríobáil éadtrom. Dá stadaidís de bheith ag scrabhadóireacht orm budh chuma liom cad é an obair do cuirfí orm, ach an síor-chiapadh so do bhriseann mo chroidhe, milleánughadh is lochtughadh. An eascú fharraige a dhein an scrabhadóireacht ghránda so ar mo chrobh: scríobadh is straca croicinn. Tá an scrabhadóireacht ceangailte isteach ina chroidhe, ní thabharfadh sé cianóg chun t'anama do shaoradh: suaraidheacht spiride: sprionnlaitheacht: cníopaireacht.

scrabhaidhte: *a.r.* scríobtha, tochraiste, scriosta. Táim scrabhaidhte ag an lá: scriosta: a raibh agam imthighthe aige. Ins an aghaidh agus ins na loirgnibh táim scrabhaidhte go maith ges na sceachaibh: scríobtha nó an croiceann stracaithe ges na deilgnibh. Lá scrabhaidhte go maith sa bhaile mhór seadh é, is deacair puinn beatha d'fhagháil lé n-a gainne: bocht: dealbh: suarach: gorta. An corcán scrabhaidhte go maith istigh agus amuigh, chidhfeá thu féin ann: an salachar scriosta dhe.

scrabhaidhteach: *a.* raisteamhail, tugtha do scrabhadh, sprionnlaithe. Bhíodh sé ró-scrabhaidhteach liom, b'éigean dom tráchtáil i dtigh eile: dian sa lorg: ina chníopaire liom. Seachain an leanbh san ar an gcat, tá sé scrabhaidhteach: báidheamhail nó claon leis na gathaidhibh do chur i nduine. Lá scrabhaidhteach ón bhfarraige dob eadh é agus ní raibh an oiread san léargais san spéir: raisteamhail: sceamhach, fliuch. Rug an lá scrabhaidhteach go maith orm: cuireadh bruighean fí dhó, fí thrí orm: callóideach: clamprach.

scrabhaim: *b.a.* scríobaim, stracaim, scriosaim. Scrabhadh go mór san aghaidh me nuair caitheadh amach ar bholg an bhóthair ghairbh me: stracadh an croiceann di. Sin é, scrabhaidhidh a chéile ar nós aon dá chait: stracaidh an croiceann dá chéile. Ná bíodh aon eagla ort ná go scrabhfaidh súd a chuid ar shlighe éigin: go scríobfaidh ar chuma éigin: go mbainfidh a chuid amach d'aindeóin aon chruadhtain.

scrabhaire: *f.4.* scríobálaidhe, scriosaire; cníopaire bocht-chroidhe. Má bhí cuma an scrabhaire riamh ar éinne tá sí air, budh dhóigh leat ar an bhfonn atá air chun an tsaoghail is na pingne gur ag dul a chodladh ina throscadh do bheadh sé: scannróir. Féach an méidín do thug an scrabhaire dhom, ar éigean do chidhfeá ar do bhais é: duine scannruighthe chun an tsaoghail. Ní haon scrabhaire é, tá croidhe mór aige, is budh bheag aige scilling do chaitheamh nó scaramhaint lé n-a chuid chun maitheasa: cníopaire.

scrabhaireacht: *b.3.* scríobadh, stracadh, cníopaireacht. An bhean bhocht ag scrabhaireacht léi ó bhaile go baile ag lorg a coda ar nós na circe: scríobáil, lorg, cuardach. Díol amach as an earra, is ná bíodh an scrabhaireacht ort: stangaireacht: margáintidheacht. Lé scrabhaireacht cheart do chuireas an tsuim bheag airgid sin lé chéile: scríobadh is bailiughadh. An uile uair do bhuailid treasna ar a chéile cromaid ar scrabhaireacht, ní bhíonn achmhusán thíos ná thuas aca ná caithid lé chéile: gabhaid den mbéal ar a chéile. D'iarraidh an phingin dhéidheannach do bhaint asam lé scrabhaireacht: sprionnlaitheacht.

scraball: *f.1.* luid, clúdach éadtrom cré, etc. Náire leis dul chun aifrinn gan scraball den éadach air: luid: giobal. Talamh go bhfuil bonn maith fé ní iarrfadh ach scraball leasuighte: rianán: ádhbhar beag. "An bhfuil aon cháithne tobac agat?" – "níl scraball, ná lé dhá lá": pioc: rian. Cuir scraball éigin ar do cheann ón mbáistigh, etc.: clúdach éigin éadaigh.

scrábamhail: *a.* neamh-maitheasach, sprionnlaithe, cinnte. Aon chomaoin ní chuirfeadh an rud scrábamhail sin ort: neamhmaitheach: niúididhe neáididhe duine. Níor shín sí a lámh riamh go scrábamhail, ná go mbeadh flúirse ag baint léi: go bocht, beacht. An roinnt scrábamhail a thugann sí ar an bpingin, nách beag eagla Dé a bhíos uirthi: cinnte: sprionnlaithe: lom: bocht.

scrábán: *f.1.* aon rud fighte go garbh nó go neamh-dhlúth. Cuir idir tu agus an solas é is chidhfir ná fuil ann ach scrábán éadaigh: go bhfuil scar idir na snáithínidhe.

scrábóg: *b.2.* cuimilt. Tabhair scrábóg den sean-rásúir sin ar an stropa d'fhéachaint an ndéanfadh sí aon bheart ar mo chorrán: cuimilt: ruathar. Caith chugham scrábóg aráin, tá ocras orm: slisneóg. Dá mbeinn ag cuardach ó shoin ní bhfaghainn scrábóg in aon phóca liom: aon luid in ao'chor. "An bhfuair sé aon phlúr sa bhaile mhór indiu?" – "aon scrábóg": gráinne ar bith. Beiridh caol ar an dté, níl ach scrábóg ar thóin an stáin: ádhbhairín. Bailigh suas na scrábóga adhmaid sin, dhéanfaidís cabhair chun teineadh: blúiridheacha: giotaidhe. Tabhair scrábóg lé huisce dot aghaidh, déanfaidh sé maise dhi: cuimilt.

scrabhtáil: *b.3.* roinnt, ádhbhar, cuid ar aitreamhaibh; báisteach anois agus airís. Gheóbhadh an té a bheadh ina dhiaidh scrabhtáil éisc: roinnt anois agus airís (gan teacht follamh aon uair). D'aindeóin a aoise déineann sé scrabhtáil oibre: giotáil ar uairibh. Á, is mór an scrabhtáil bháistighe atá ann lé tamall aimsire: í ag teacht go trom ar

aitreamhaibh. Is amhlaidh mar tá ag cártaidhe go dtagann scrabhtáil ortha: gheóbhfá rith maith uaireannta ortha.

scraguighthe: *a.r.* fighte go neamhdhlúth; scaguighthe; scarthach. Níl sé maith mar éadach, níl cosaint báistighe ná síne ann, tá sé scraguighthe: níl na snáithínidhe dlúth ar a chéile in ao'chor. An scraguighthe atá an ciseán san: na tuigidhe gan bheith dlúth ar a chéile.

scraig: *b.2.* áit gharbh, craobhach chnuic; taobh carraigeach cnuic. Cuireadh tóiteán sa scraig: teine san gcraoibh. Bliadhain na scraige .i. bliadhain dróch-mhóna go gcaithtear triall ar chraoibh.

scraimín: *f.4.* éadach suarach; adhbhar gan mhath; duine sprionnlaithe. Ní feicfí san scraimín sin me, an ins an gcairt do fuairis é?: éadach gan puinn maitheasa. Is fada gur fhliuch an scraimín béal éinne: duine cumhang, gortach ná tabharfadh deoch bhainne ná eile dhuit.

scraiste: *f.4.* fuairthé, duine neamh-maitheach, díomhaoin; geócach. "Marbh go rabhad, arsa Gearóid/ má chruinnighim go deó puinn airgid/ mar is iomdha scraiste aca sínte ins an uaigh/ nár chaith scilling lé cruadhas i dtigh an tábhairne/ 'sa gcuid rachmais dhá chaitheamh go suairc/ ag an aicme nár thruagh leó iad treascartha" .i. daoine nár bhain an t-iasacht as .i. nár bhain aoibhneas as a gcuid faid bhí cao aca air. Scraistidhe na sráide: iad so go mbíonn a ndrom lé falla aca go díomhaoin. "Connus tá aige?" – "é bheith ag imtheacht ina scraiste": ina gheócach ó bhall go chéile. Cá bhfuil an scraiste?: duine fuairspreóiseach: duine ná déineann maith dho féin ná d'éinne eile. Cá bhfuil scraiste an tighe seo? (go ceanamhail): duine go mbíonn go héinne geanamhail air: ná bíonn dian chun an tsaoghail: ceanamhail ar aoibhneas do bhaint as. An bhfeacaidh neach agaibh mo scraiste fir-se?: fear ná fuil ró-shaoghalta. "Cá rabhais?" – "ameasc na scraistidhe": buachaillidhe ragairne is aoibhnis. Is ins an tigh tábhairne úd a bhuailfeadh na scraistidhe go léir: na daoine a bhíos claon lé cuideachtain. Ach, tá sé imthighthe ina scraiste ar fad: chun an phota. Gach duine sa dúthaigh lé linn na broide seo ag déanamh ruda éigin ach na scraistidhe: iad so nách fiú faic iad. Ina scraiste leis an ngréin lá broideamhail fóghmhair: ina leadaidhe: bacach gréine.

scraisteach: *a.* díomhaoin, leisceamhail, leasc, spadánta. Bíonn a rian ar dhaoinibh a bhíos scraisteach, is beag í a n-iothla: leisceamhail chun oibre. An bheatha scraisteach atá aige dhá chaitheamh, gan faic lé déanamh aige ach ag gabháil tímcheall: díomhaoin.

scraisteamhail: *a.* leisceamhail, leasc, liosta, spadánta. Beatha scraisteamhail do chaith sé, ó bhaile go baile, tamall annso is tamall annsúd, seal ag obair, seal díomhaoin: callóideach; gan aird. Faid is gheóbhadh sé cuideachta, agus ní bheadh sé ró-cháiréiseach ina taobh san, tá sé chómh scraisteamhail sin ná beadh cuimhneamh tighe ná áite aige: spadánta neamh-chríochnamhail. Níl luid den éadach anois is tá a mhéireannta ag gobadh ina bhrógaibh, tá cuma scraisteamhail ar fad air: cuma na haindeise: mar bheadh ar dhuine gan aire, gan áird.

scraisteamhlacht: *b.3.* leisceamhlacht, díomhaointeas, spadántacht. Aon chrích ná áird ní thiocfaidh choidhche air, tá an scraisteamhlacht ceangailte isteach ina chroidhe: neamhshuim mhaireachtana: an aindeise i gclódh is i mbeatha gabhtha lastuas de. An scraisteamhlacht d'fhág amuigh an duine bocht, fuairtheas marbh ar thaoibh bóthair tar éis na hoidhche é: an neamh-fheabhsughadh do dhéanamh ar a bheatha. Éinne a chaithfeadh seachtmhaine ó n-a thigh ag ól is ag ragairne, sin scraisteamhlacht cheart. Ní leigeann an scraisteamhlacht di éirghe go meádhon lae: trom-leisce. Caithfead an chuid eile dem shaoghal lé scraisteamhlacht: fuairthéacht is siubhal rómham gan aird ar bith agam ar mo thriall.

scraistidheacht: *b.3.* díomhaointeas, neamh-árd, neamh-aire is neamh-shuim i ngnóth, i gcúram nó i nidh a bheadh riachtanach. Ag caitheamh an lae ag scraistidheacht fén mbaile: ag cainnt 'sag ól 'sag siléig. Aon dul níl ar an scraistidheacht do chur amach as a chroidhe, aon áird ní thiocfaidh aige ar rud do dhéanamh do féin: neamh-oighear beatha. Aon fhaic níor dhein sé san arm ach scraistidheacht: díomhaointeas ar scáth leathscéil éigin i gcómhnaidhe. Tá sé ar scraistidheacht ar fad anois: imthighthe roimis ar fuaid na dúithche: fánaidhe gan baile, a thaistealas na bóithre, ag codailt amuigh, ag maireachtaint ar dhéirc nó ar fho-scar do dhéanamh thall 'sabhfus. Cuir uait an scraistidheacht anois, agus glaoidh deoch maidir lé fear: an tnúth. Níor fhágadar gnáthóg ragairne ná rinnce ná óil ar an mbaile nár fhiosruigheadar idir sin agus maidean, i slighe dhuit is gur chaitheadar an oidhche lé scraistidheacht: cead reatha na tola mianta na colna do shásamh.

scraith: *b.2.* an fód glas éadtrom; aon rud a cheanglas ina dhlúimh mar cuid d'uachtar na talmhan idir chré is fhás; screamh; brat. Bain scraith eile is caith ar an uaigh í: screamh éadtrom do bharr na talmhan. Caith scraith ar an rud salach san: blúire d'uachtar na talmhan. Tháinig gearbh mhór ina scraith ar mo ghualainn: brat trom: dlúimh. Ní raibh sé chómh furaiste sin in ao'chor an líon do bhreith thar gunail, bhí maircréil ina scraith ann: brat trom: an-iomadamhail. An rud salach, tá scraith mhíol ann: brat trom. Scríob sé na hiascáin den gcloich in aon scraith amháin: slaod: dlúimh. Tháinig an croiceann liom ina scraith: gan aon duadh. Is minic do chodail sé is gan fé ach an scraith: an talamh lom. Níl ar an mbothán ach scraith: scríobáil éadtrom de bharr na talmhan. Dá mbeadh aon tsaghas scraithe ar an gcruaich a choimeádfadh cuid den uisce féin uaithi: clúdach de bharr na talmhan. Abair gur gé mhaith í, bhí scraith bhlonaige innte: brat trom. Scraith gheire sa bheithidheach: ualach trom. An diabhal scraith os mo chionn: aon tsaghas tighe níl agam: díon spéire. An clumh luighthe siar ina scraith air: brat liocuighthe. Talamh nár thaithnigh leó é, níl de scraith air ach connlach: aoirde fóid.

scraithim: *b.a.* lomaim an t-uachtar nó an barra dhe, bainim an croiceann de. Scraith an portach: bain an barr de nách móin. Scraith an madra: feann é: bain an croiceann de. Scraitheas mullach an chlaidhe sar ar chuireas clocha air: bhaineas an fód glas de. Scraithfidh sí gruaig do chinn dhíot tá an oiread san uile uirthi chughat: stollfaidh amach ón bpréimh í.

scraith-mhuing: *b.2.* féith thalmhan, talamh uisceamhail go raghfaí ar lár ann.

scraithte: *a.r.* lomtha, feannta. An seithe scraithte den mbeithidheach: bainte dhe. Barr an chlaidhe scraithte: an fód glas bainte dhe. An portach scraithte lé n-a bhaint: glanta: an barr scriosta dhe.

scramaim: *b.a.* sciobaim, snapaim. Ná fág faic fé n-a léith, scramfadh sé leis é, is ní fheicfeá choidhche airís: sciobfadh: d'fhuadóchadh. Scramann sé biadh ar nós an mhadra: snapann: tugann fogha fé is bíonn aige.

scramaidhe: *f.4.* sciobaire, snapaire, ganfhiosaidhe; cníopaire; cíocaire; sracaire; séithleach. Aon bhaoghal go raghaidh an scramaidhe sin gan rud lé n-itheadh má bhíonn sé idir cheithre chúinne an bhaile taighdfidh sé amach é: duine ná bíonn aon teóra leis chun dul i bhfeighil an ruda a bhíos uaidh. Clipighthe, cráidhte táim ag breith scramaidhidhe ná tabharfadh eaga díolta dhom ach ag breith ar scórnaigh orm: beirt atá ag fáscadh orm. Mara mbeadh ach pingin ag an scramaidhe diabhail sin ort chlipfeadh sé thu ghá lorg ort: fáiscitheóir. Ghnír ar nós an scramaidhe agus tá a chuma ort: rud mílítheach, tairngthe, sprionnlaithe. An phingin ruadh ní mhaithfeadh an scramaidhe dhuit: duine dian, fáiscitheach, sainnteamhail.

scramaidheacht: *b.3.* luighe trom, cíocaireacht, sainnteamhlacht. Má bhíonn rud ag giúdach ort, beir leat go mbainfidh sé amach lé scramaidheacht é: fáscadh. Ní maith agus ní críostamhail bheith ag scramaidheacht ar na bochtaibh: luighe trom ortha. Lé scramaidheacht a bhain sé amach an talamh orm, dhíol sé an cíos leis an dTighearna, is cuireadh amach me dho: canntáil: a ghreamughadh go fealltamhail.

scramaisc: *b.2.* cóip; cosamar; daoscar sluaigh. Budh dheacair do é féin do sheachaint ar an scramaisc úd nuair bhí braon caithte aige is iad ar tí a choda do mhealladh uaidh: cóip sráide. Chrom an scramaisc ar fhogha is ar shlaid nuair bhí na siopaidhe ina bhfothraigh: sluagh gan smacht, gan riaghail: dríodar an phobail.

scrathach: *a.* stuaiceach; fódach; ag ceangal ina dhlúimh; snáithíneach. Claidhe scrathach: go mbeadh fód éadtrom is fás air. Tiocfaidh uachtar scrathach ar ithir ar gan aon rud do chur innte: fód is fás uirthi. Móin scrathach: móin go mbeadh stuaic uirthi.

scréach: *b.2.* scread, liugh, liach, béic. An scréach a leig sé nuair sáthadh é, gheóbhadh sí siar 'saniar tríd cheann: liach: liúgh árd, ghéar. Leig scréach air gan dul lé faill: béic ós árd air: glaoidh in árd do chinn is do ghotha air. Níl scread ná scréach asat, cad tá ort?: níl focal asat. Scréach árd ag an bhfarraige anocht: béic. Ní maith liom scréach faoilinne: an ghlór do ghní sí. Braithim scréach gem bholg: ag éigheamh ar bhiadh.

scréachach: *b.2.* screadach, liúighreach, béiceach, giascán; ullfartach. "Cad chuir an leanbh ag scréachaigh?" – "a bhréagán do bhaint de": ag béicigh go géar mar bheadh tinneas air. Beidh scréachach ag na daoinibh fós tímcheall an aráin mara gcuirid an chruithneacht go flúirseach: beidh éigheamh is gleódh aca. Ná bíodh aon scréachach ort, ní ghoirteóchad thu ach an méid is lugha is féidir liom: ná bí ag liúighrigh: glór gotha géar, árd, caol. An tusa peata na scréachaighe? .i. a bhíos ag gol 'sag béicigh gan chúis. Thiocfadh diamhaireacht ort amuigh ar an gcarraig nuair chloisfeá na faoilinn ag

scréachaigh id thímcheall: ag screadaigh: ag déanamh glóir chaoil, ghéir. Tá an leanbh so ag scréachaigh ar bhainne: ag gol nó ag béicigh go bhfaghadh sé é. Ná bí ag scréachaigh chabhartha orm-sa in ao'chor mar ná faghair í: ag glaodhach go hárd, tinneasach. Ar feadh na hoidhche bhí mion-scréachach na bhfaoileann le clos agam. An mhaidean do báthadh na fir bhí scréachach ar fuaid an bhaile: lógóireacht. Is minic nách é fear na scréachaighe is mó tinneas: nách é an té a bhíos ag gearán is mó a fhuilngeas. Tá scréachach ged chrann iomchair cheal smearaidh: giascán: glór gránda garg. Ní scréachach a ghníos obair: a bheith ag cainnt go glórach ina taobh.

scréachadh: *f.* (*-ctha*) do dhéanamh do leigeant glóir mar dhéineann duine lé tinneas nó eagla; glór garg, caol, árd, géar. Chuala an ceann cait ag scréachadh agus bhain sé preab asam: ag leigeant glóir caoil, géir, árd as. Ná bí ag scréachadh, níl aon chúis eagla agat: bheith ag béicigh: ag liúighrigh.

scréachaim: *b. n-a.* screadaim, liúghaim, béicim, scartaim. Má thuitir ná scréach nó scéidhfir orainn: ná leig béic lé heagla nó lé pian. Scréach ar chabhair gan mhoill, tá an duine goirtighthe: leig béic a chuirfeas in iúil go bhfuil mísheól tárluighthe. Ná scréach gan chúis: ná gearán mara mbíonn bun leis. Scréach an tsráid ar gháiridhe fé: phléascadar go hárd. Scréachadar ó cheann ceann na páirce nuair cuireadh an báire isteach: leigeadar liúgh árd áthais. Scréach sé le feirg: leig béic as mar dhéanfadh ainmhidhe fiadhain. Scréachas air stad is gan an duine do mharbhadh: leigeas liach árd air.

scréachaire: *f.4.* grágaire, duine a bhíos ag gol, ag glaodhach, ag béicigh. Scréachaire leinbh ná sásóchadh mil ná mílseán é: peata a bhíos ag síor-bhéicigh. Deireadh na foighne caithte agam leis an scréachaire, mara n-éistigheann sé a bhéal gheóbhaidh sé taobh na súgán den dtigh: duine a bhíos ag déanamh gleóidh gan chall.

scréachaireacht: *b.3.* screadaireacht, liúighreacht, béiceach. Cad é an scréachaireacht atá ortha san? an aon nidh atá ort?: glór árd, éighteach aca. Cuir uait an scréachaireacht, níl an oiread tinnis ort 'sa leigir ort: cáiseamh.

scréacharnach: *b.2.* glaodhach, éigheamh, cáiseamh, gearán. Chuir an máighistir an leanbh ag scréacharnaigh: ag lógóireacht. Chuala scréacharnach amach fén bhfarraige is d'aithnigheas uirthe go raibh mí-sheól ar dhuine éigin: glaodhach árd, géar mar bheadh lé hanamhóin.

scréachóg: *b.2.* feadóg bheag mar bhíonn ag fear cirt ar mhachaire imeartha; bréagán leinbh chun bheith ag séideadh air; scread. Stad an imirt nuair séideadh an scréachóg: feadóg na himeartha. Ná bíodh scréach ná scréachóg asat: aon tsaghas glóir scórnaighe. Níl an turann (túirne) ina cheart, tá scréachóg ghránda aige: giascán: glór garg ag an roth ar an maighdeóig.

scréachógach: *a.* scréachach, giascánach, glórach. Ní fheadair éinne ach a mbíodh de bhréagánaibh scréachógach dhá dhíol lá ráis: gléiseanna bréagáin a dheineadh glór ar n-a gcrothadh nó a séideadh.

scread: *b.3.* scréach, béic ghéar, glaodh éighmhe. Scread mhaidne air! (droch-ghuidhe uathbhásach): an mhallacht is truime is féidir do thabhairt. Thuit sí 'on abhainn is leig sí scread mhaidne: béic chun teacht chun a fuascalta. Scread mhaidne ar mar scéal, caithidh uaibh é: bíodh an mío-ádh air nách cuma dhíbh. Ná bíodh oiread agus scread asat: glór ar bith. An aon rud atá ort indiu, ná fuil aon scread asat?: aon ghlór: aon tap: aon bheart. B'fhéidir go bhfuiltear ag buadhachtaint fós air is go mbeifear, ach cuirfidh sé scread fós as: déanfaidh sé gleódh: cloisfear fós uaidh. Bhítheas ag gabháil air gur fágadh gan aon scread é: gan oiread anama ann is go bhféadfadh glaodhach ná gearán. Nuair bhuail an teine dhearg ar a chois leig sé scread: bhéic sé os árd lé pian nó lé heagla go raibh sé dóighte. Leig sé scread teacht ghá fhóirthint: béic chabhartha. Scread go raibh ort!: olagón: go rabhair dhá thóraidheacht nó dhá thórramh. Cuir scread asat air: béic air chun aghaidh a chaoraidheachta do thabhairt ort. Cuirfir scread orm leis an náthaid sin mara mbír cneasta: cuirfir ag béicigh le pian me.

screadach: *b.2.* glór garg; béiceach ghéar, gárthach, glam. Screadach na muice teó: an ghlam a leigfeadh muc dá mbeadh sí dhá scóladh lé huisce te. Screadach na gceann cat, sin a bhfuil lé clos anois ann: an liach oidhche do chuireann siad asta. Ní fuláir nó is breóidhte atá an leanbh is an screadach atá air: gol duaibhseamhail. Cad í an screadach í seo fén sráid: glamghail is gárghail. Má bhír ag cur cumaidhe ort féin cuirfir an leanbh ag screadaigh: ag gol is ag béicigh lé heagla. Beidh screadach ar bhiadh má theipeann an chruithneacht: éigheamh is gleódh is clampar ar a lorg.

sreadachán: *f.1.* glamaire, béiceachán. Ná bí id screadachán mar sin, cloisfear ó cheann ceann an pharróiste thu. Screadachán gach aon duine aca, ní stadaid dá ndosaireacht ar feadh an lae: peataidhe béicighe.

screadaim: *b. n-a.* béicim, glaodhaim ós árd, éighim, goil, leigim liach. Dubhart leis stad, fiú amháin, screadas air stad: leigeas béic impidhe air. Raghaidh sé leis an ngleann! níl a fhios aige a bheith ann, scread air: béic air go dtugaidh tor ort. Screadtar lé pian, eagla, preib, etc.: leigtear glaodh obann, árd, géar, nó liach. Scread sé ar dhigh: scairt go hárd í do thabhairt do. Screadas air ar son Dé leigeant don aindeiseóir is gan aon chruisteach do dhéanamh air: dheineas athchuinghe air gan. Screadadh orm in am díreach, mara mbeadh san bhíos bailighthe liom: glaodhach ós árd orm chun ceann do thógaint.

screadaire: *f.4.* duine a bhíos ag béicigh, ag scréachaigh, etc. Nách gleóidhte an screadaire an meaig .i. déineann sé glór caoin, cruaidh. Screadaire gan chéill a bhíos ann nuair bhíonn aonnidh caithte aige: bíonn sé ag béicigh lé buile. Éist, a screadaire bhig: leanbh a bheadh ag síor-ghleotháil. Screadaire cluig: fear a bhíos ag fógairt rudaidhe a théigheas amudha, aontaighe, etc., lé clog is guth.

screadghail: *b.3.* béiceach, glamghail, scréacharnach. Ní fuláir nó bhí daoine amuigh ar an sráid go maidean ar an screadghail do chuala: béiceach mar bheadh lé suathadh. Chuir sé ag screadghail leis an mbuille é: ag béicigh lé tinneas. Cuireadh uabhar air is thug sé an lá ag screadghail ghuil: ag gol go glórach. Cad é an screadghail atá ar an bhfear san leis an madra: béiceach ós árd. Cuir uaim do chuid screadghala, ach déin rud éigin: glór is gleódh.

screagán: (**scragán**) *f.1.* talamh garbh, carraigeach. Abha an scragáin.

screagánach: *a.* garbh, clochach. Ní talamh fairsing in ao'chor é, mar tá cuid de screagánach: é garbh, clochach.

screalbh: *b.2.* gairbhéal reamhar, garbh, talamh mion-chlochach; tón sciollach abhann. Ní thaoscfadh do dhícheall cré ann screalbh seadh é: talamh atá tuillte le sciollaidhibh cloch. Ní furaiste é do threabhadh, screalbh cruaidh mar é: talamh go bhfuil bonn cruaidh aige, is é lán de sciollaidhibh cloch. Gheóbhadh do rothar goin go tapaidh ar an mbóthar, tá sé lán de screalbh: clocha miona, brúighte. Screalbh na habhann: an t-íochtar cruaidh a bhíos aice.

screallach: *b.2.* talamh lom, sciollach (mion-chlochach); tóin gharbh abhann; trufais thógála. Móin a bhí ar árdán san tamall, níl anois ann ach screallach: ithir éadtrom, chlochach. Bheadh do dhóthain cúraim ort cré go leór do bhaint sa chlasachaibh ann, screallach atá ann: mion-chlocha an chuid is mó de. Ní nár duit a bheith ag maoidheamh as do chuid talmhan is gan ann ach screallach portaigh: talamh gan fód gan úir.

screamh: *b.2.* únán; ar leann; scannán éadtrom; crústa; meirg; cruadhacht; scarabháil; brat; clúdach. Ní fuláir nó tá sé breóidhte, tá screamh ar a theangain: clúdach bán garbh. Is fada fós ón gcíste seo, níl ach an screamh ag teacht air: an taobh amuigh dhe ag cruadhadh is ag ruadhachtaint. Ní fada ná go bhfliuchfaidh (fiuchfaidh) an bainne seo, tá screamh ag teacht air: sceimeal: brat dhlúith a éirigheas ar a uachtar. Ní thiocfaidh aon screamh ar an lá: ní chruaidhfidh: ní bhreághthóchaidh. Dá mbeadh móin ar sraith anois bheadh screamh ag teacht uirthe leis an dtiormach so: cruadhacht agus fáscadh. Is baoghalach ná tiocfaidh aon screamh choidhche ar an nduine breóidhte: feabhas: maitheas. Is fada buidhe go dtiocfaidh aon screamh ar an saoghal tar éis an chogaidh, beidh na daoine suaidhte, beó bocht: aon chuma ar fheabhas. Dá mbeadh aon screamh chun an tsaoghail air dhéanfadh sé go maith ann, mar tá sé in ionad mhaith, ach níl, tá faillighe is leisce ag baint leis: aon chur chun cinn. Dá dteastóchadh uait fios a bheith agat connus mar bheadh ag duine i dtaobh airgid, d'fhiafrófá, an bhfuil aon screamh ort?: an bhfuil agat nó cá mhéid? Is minic is dóigh leis na daoinibh ná fuil aon screamh ag teacht ar an nGadhealaing: aon dul chun cinn dhá dhéanamh aice. Cuir screamh ort féin nó ní bhuaidhfir cluiche ar bith: cuma is colg. Ar mh'anam nách mór do dhuine screamh do chur air féin chun mná d'fhagháil sa tsaoghal atá anois ann: deallramh is fuadar gnímh. Is baoghalach ná tiocfaidh aon screamh ar mo chuid oibre: aon toradh dá bharr. Níor thaidhbhsigh dom go raibh aon screamh ar an dtalamh céadna: aon deallramh ná clódh gur thalamh maith é. Fuairtheas screamh éisc an tseachtmhain seo lastuaidh, oiread is ná fuairtheas lé fada riamh: cuid mhór, mhaith. Bhí screamh éisc sa líon: brat trom. Dhein sé liathróid chruaidh sheaca an oidhche roime sin, bhí screamh leac oighreach ar an uisce: brat éadtrom. Níl sé goirtighthe in ao'chor níl air ach an screamh: an taobh amuigh goirtighthe. Nách salach an diabhal é, tá screamh mhíol air: brat. Ó tháinig sí 'on tigh, tá screamh curtha aice air ná raibh roime sin: crot maith.

screamhach: *a.* scannánach, carrach, crústach, cótach, críochnamhail, gasta. Císte neamh-screamhach ní hé dob fhearr liom: ná beadh an sceó cruaidh air ag an dteas. Carraig screamhach, ní ró-fhuraiste í do bhriseadh: go mbíonn an taobh amuigh dhi cruaidh, faghartha. Teanga screamhach, cómhartha an goile do bheith ar mí-ghléas: teanga go mbeadh brat garbh, bán uirthi. Ní lé luighead a bhfuil de thalamh aige ná fuil sé gustalach, ach ní fear screamhach é, ní bhíonn sé aireach, cúramach: críochnamhail: go maith chun an tsaoghail. Léan id mhuineál screamhach!: lán de ghruaig.

screatall: *f.1.* blúire, blodh, pioc, rian, dadamh, mágáine. Dá mbeadh aon screatall meabhrach aige ní fhágfadh sé coinneal ar lasadh cois na leapan: blúire beag. Cad tá anois agam tar éis mo shaoghail ach Tigh na mBocht, nil screatall sa tsaoghal agam: oiread agus cianóg. Chaith sé uaidh lé fuinneamh an t-uaireadóir ar an dtalamh cruaidh, is d'imthigh sí ina míle screatall ar fuaid na háite: míle blodh. In ainm Dé fágaidh screatall éigin lé n-itheadh agam nó caillfear den ocras me: ádhbhar éigin. Mara stadtar den ngleó so ní fágfar screatall agam: an chuid is lugha céille. Níor fhág an stoirm screatall aca gan fuadach: aon rian in ao'chor. Cuir screatall éigin ort is ná himthigh nochtuighthe: beagán éigin éadaigh dá luighead é. Ní bochtnacht go dtí is mar tá aige, níl screatall na ngrást aige: aon phioc. Screatall na ngrást céille níor fhágadar ag an ngiofaire ó bheith ag feadghail fé: taimilt ar bith. "Connus atá gach aon screatall dhíot, a dhuine chóir?": gach máille ded chorp. Níl screatall den chorp ná go bhfuil dathacha ann: pioc. Fuaireas screatall aráin: blúire. Fé iadhadh an tighe ní raibh screatall d'aon tsaghas bídh: aon rian.

screathain: *b.2.* talamh garbh, tomach, clochach, ar fhánaidh. Gheóbhaid gráinseáil lé n-itheadh sa screathain lá geimhridh: féar garbh, fraoch, etc. "I screathain an chúig do casadh im threó/ d'iarraidh bróg gan gó do bhíos/ an finne-bhean óg ba mhaiseamhail clódh/ 'san macha fá bhrón ag tóch na tuighe etc.": ainm áite.

scríb: *b.2.* (**scríbín**) cluiche cártaidhe ina dtógann an cearrbhach a chion airgid ar gach cúig do bhuaidheann sé. Imrimís ar scríb.

scríbhinn: *b.2.* (*-bhne*) scríobhnóireacht, an rud a bhíodh scríobhtha mar cunntas, scéal tráchtas, dán, etc.; aiste; ughdarás nó teasbánadh i scríobhnóireacht; aon rud scríobhtha nó greanta ar bhonn, ghalán, leacht etc. Ní deacair do scríbhinn do léigheamh, tá sí soiléir, glan: lámh scríobhnóireachta. Téigheann díom an scríbhinn ar fad ar lic na huagha do léigheamh, tá cuid di doiléir: an scríobhnóireacht atá greanta isteach innte. Coimeádtar láimh-scríbhinnidhe san Acadamh: leabhartha, téacsa, scéalta, etc., a bhíos scríobhtha lé peann is leis an láimh. "Tá eólas aige ar an Scríbhinn Dhiadha", deirtear lé duine a bhíos ag scrúdughadh creidimh.

scríbhneóir: (**scríobhnóir**) *f.3.* duine a scríobhas lé peann, úghdar. Scríbhneóir luath, tapaidh: gur geairrid an mhoill air focail do bhreacadh. Tá sé ar na scríobhnóiridhibh Gaedhealainge is fearr againn: a cheapas toradh leitridheachta.

scríbhneóireacht: (**scríobhnóireacht**) *b.3.* ealadha scríobh lé peann; an iarracht scríobhtha; saothar liteardha, gairm scríobhnóra. Scríbhneóireacht agus leightheóireacht, is é is lugha is gann do bheith ar dhuine. Scríbhneóireacht chómh soiléir sin go léighfeadh

éinne í: déanamh slachtmhar na bhfocal. Caithim an lá ag scríbhneóireacht: ag breacadh lé peann. Is beag gur féidir leis maireachtaint ar a chuid scríobhnóireachta: saothar liteardha. Culaith scríobhnóireachta: peann, dubhach, páipéar, etc.

scríbhte: (**scríobhtha**) curtha síos i scríobhnóireacht; breacuighthe; i bhfáistine. Caithfear a chreideamhaint go dtiocfaidh an Slánuightheóir chun breitheamhnais do thabhairt ar bheódhaibh is ar mharbhaibh, tá sé scríbhte: geallta agus é breacuighthe síos. Aithnighim ort go bhfuil rud éigin déanta as an slighe ort, tá sé scríbhte ar t'éadan go soiléir: lé breithniughadh: a chómharthaidhe ann. Ar a bheatha féin atá scríbhte san leabhar san aige: curtha síos: trácht déanta aige air. An chainnt adubhairt sé níl sí in-scríbhte: oireamhnach lé breacadh ar pháipéar. Sé atá scríbhte in Ógham Chraoibh ar an ngalán san go bhfuil rí adhlactha fé: comharthuighthe isteach ann.

scríob: *b.2.* riasta nuadh-ghearrtha ar an gcneas, gearradh éadtrom ar uachtar aon ruda, fód nó ithir iompuighthe lé céachda; réir; seal; ionsaidhe; stoirm. Ar an gclódh suaidhte, réabtha stólta atá ar an luing is a chulaithirt do rug scríob uirthi: stoirm throm. Tá sé ina scríob: féachann daoine chúcha féin, tá sé ina dhroch-aimsir cheart: tá an doineann i mullach an chinn orainn gan aon mhoill. Ní mhairfidh duine ná ainmhidhe tar éis na scríbe seo: droch-aimsir fhada uathbhásach. Beidh rith an ráis leis na barraidhibh mara mbuailidh scríob iad: gaoth mhór is báisteach. Bhuail sé chugham tar éis na hoidhche is cuma na scríbe air: an deallramh go raibh sé gabhtha trí dhroch-uain. Dath na scríbe ar an dtalamh: an clódh báidhteach a bhíos air tar éis an gheimhridh. Scríob liath an Earraigh, ní bheadh aon bheann ag an seithe atá air uirthi: an doineann is an anaithe a thagas san earrach. Is diail an triail a thug sé uaidh ar ar rug de scríobaibh i rith a bheatha air: de chruadhtan is d'anródh. "Tá baoghal mór ort go mbeifeá ag gearán, ní hamuigh fén scríb ataoi", deirtear lé duine a bhíos go teólaidhe is a bhíos ag cnáimhseán. Ar mh'anam ná béarfaidh aon scríob air sin: tabharfaidh sé aire mhaith dho féin gan aon anródh do bhreith air. Capall na scríbe capall an struis: an ceann a bhíos ag siubhal sa chlais i ndiaidh an fhóid iompuighthe. Chuirfeadh sé fén scríb thu dá bhféadadh sé é: chlúdóchadh sé ort. D'fhágas mo bhaile dúthchais lé gealadh lae agus níor stadas den scríb sin gur shroicheas Corcaigh: den rábóig sin: den ruathar san: den réim gluaiste sin. Ó fhág sí Baile Sheáin bhí cóir ghlan ghaoithe aice ar a scríb aniar go dtín Sceilg: rian fada. Aon scríb earraigh níl déanta fós ag an scraiste feirmeóra san: níl fód iompuighthe lé céachda na treabhtha aige. Coimeád an capall i mbéal na scríbe: dlúth leis an bhfód nó an ithir a bhíos iompuighthe ag an gcéachda. De scríob reatha chuaidh sé ag triall ar an ndochtúir: lé luas, gan sos gan staonadh. Dhein sé d'aon scríb amháin gnóth na sráide: den iarracht san. D'aon scríb amháin d'íoc sé a raibh d'fhiachaibh air: in aon díolaidheacht amháin. An bhfuil do chapall chun scríbe fós: oireamhnach (aosta a dhóthain) chun treabhtha. Seadh, anois go bhfuil mo dhóthain ithte agam, raghad is déanfad scríob eile: tuilleadh oibre. Cathain a shroichis ceann scríbe: do thriall: an áit a bhí uait do shroichstint. Má leanann an cogadh so i bhfad air is amhlaidh bheidh ag na daoinibh fé dheireadh na scríbe go mbeidh ocras fachta aca: fé dheireadh an chúrsa. I ndeireadh scríbe, san am is go rabhadar traochta dá chéile ag an ndlighe ní raibh luid aca: i ndeireadh na dála: fé dheóidh. I dtúis scríbe caithfeam an obair do léiriughadh: sara gcuirtear chun í do dhéanamh caithfear gach nídh do réidhteach. Cuirfir as a scríob é, má bhír ag tafant ró-dhian air gan dul ann: as a shlighe: as an rud a dhéanamh atá fé. Tuig

mise agus déin rud orm, táim ghod chur ar an scríb chirt: ar an mbealach ceart. Tá a scríob tugtha agus is mithid é, tá aos maith aige agus is iomdha anródh do rug air: a ré saoghail. Treabhfad an gort indiu is cuirfead fé scríob ambáireach é: cuirfead an bráca (an chliath) air chun an tsíl do chlúdach. Fan ar do chuid féin, ná tair thar scríb: ná déin aon channtáil. Táir luath ag baile, ní raibh súil go tráthnóna againn leat nách gearr an scríob a thugais: cúrsa: turus. Chuirfeadh sé scríob ar chroidhe dhuine bheith ag léigheamh ar a bhfuil d'fhearaibh breághtha dhá mharbhadh sa chogadh so: brón is athtuirse. Scríob bháistighe, gaoithe, sneachtaidh: doineann, etc. Thóg an namhaid gach baile ar an gcósta leó den scríb sin: gan athrughadh cúrsa.

scríobh: *f.1.* breacadh leitreach, scríbhinn scríbhte leis an láimh; lámh scríobhnóireachta. Scríobh chómh holc san agam gur deacair é do léigheamh: an crot do chuirim ar dhéanamh na bhfocal. Ag síor-scríobh: ag oibriughadh lé peann mar bhíonn cléireach nó scríobhnóir leabhar, etc. Is mór gur cosamhla do chuid scríbh lé scríobadh circe: an taidhbhreamh a bhíos ges na focalaibh ina rith.

scríobach: *a.* tugtha do nó claon lé scríobadh, tochasach, taighdeach, cuarduightheach. Cearc scríobach í seo: bean a bheadh i ndán dul i gcóir a coda go maith. Drochpheann atá agat, tá sí scríobach: deineann sí glór garbh ar an bpáipéar. Dírigh roth deiridh do rothair, tá sí scríobach .i. ag cuimilt den bhfráma. Ní fuair sí aon fhear olc in ao'chor an lá phós sí é, tá sé scríobach, dúthrachtach: ag gabháil de rud éigin i gcómhnaidhe chun na beatha do thuilleamh. Tabharfair náire dhuit féin má bhír chómh scríobach ar do chúl: tugtha dá thochas. Níl aon éan aca is scríobaighe ná an chearc: is loirgthighe: a bhíos ag tarrac a gathaidhe tríd an dtalamh ar thóraidheacht bídh. Tá sé go hárd-scríobach leis an bpeann: luath, mear, tapaidh chun saothair léi. Aimsir scríobach: chruaidh, ghaothmhar.

scríobadh: *f.* (*-btha*) cómhartha, goin, stracadh nó gearradh éadtrom ar an gcneas, ar ghloine nó ar uachtar aon ruda; faoiseamh do dhéanamh ar thochas lé cuimilt; taighdeadh; dréachtán do tharrac, scriosadh; an scriosadh a fhanfadh ar thóin áruis. "Céaca den gclainn thusa?" – "mise scríobadh an chrúiscín": an duine déidheannach ar an líon leanbh. Sé an scríobadh a fuaireas-sa, geallaim duit ná cuirfidh sé aon tsaill orm: an méid a fhéadfainn do bhailiughadh tar éis na coda eile do bheith sásta. Scríobadh circe níl tugtha ar an ngort agaibh: treabhadh ná fuil níos doimhne ná níos slachtmhaire ná dhéanfadh cearc lé n-a hingnibh ar lorg ghráinne. Ag scríobadh chun a clainne atá sí, an t-aindeiseóir, gach aon lá riamh: ag bailiughadh mar bheadh ag lorg a déirce. An scríobadh a fhan ar thóin an chorcáin tar éis na praisce, d'ith sé go guilmeach lé n-a spíonóig é: an tsalachráil: dríodar. Níl aon ghortughadh air ach scríobadh beag ar a ghruadh: stríocadh beag éadtrom mar dhéanfadh dealg nó ionga. Sín amach do gheága leis an obair is ná bí ag scríobadh leis an uachtar: gan bheith i ndáiríribh. Cuirtear bluic nó beartáin ghiolcaighe idir an chéidh is long chun ná beadh sí ag scríobadh de: ag cuimilt. Fadhb í seo a chuirfeas ag scríobadh do chinn thu: ag tochas: a bhainfidh stad asat: a chuirfeas ag machtnamh thu. Scannruigheamair nuair bhrathamair tóin an bháid ag scríobadh den bhfochais: ag cuimilt go garg di. Cuarduigh, féachaint an bhfuil aon scríobadh agat?: aon rian in ao'chor. Ag rómhar 'sag scríobadh: ag obair go cruaidh ar an dtalamh. Ní fada ná go mbeidh chun scríobtha dóibh féin: tagtha chun coindhealachta (caoinlíochta): i ndán déanamh dóibh féin. Níor fhág sé oiread agus an scríobadh ina dhiaidh: aon rian in

ao'chor. Dhéanfadh scríobadh na fuiseóige coirce lá Márta: aon tsaghas treabhtha. Na bí ghod scríobadh féin, béas gránda seadh é: ag cuimilt na n-iongan den gcneas chun faoisimh do thabhairt ar thochas. Laitear gloine lé n-a scríobadh; rud garbh do chuimilt di a fhágas rian innte. Bím ag scríobadh den áit gach lá sa tseachtmhain, ach ní stadaim ann: ag gabháil go han-athchomair do. Fé mhaidean ní raibh pinginn aige ná raibh buaidhte aca uaidh, nach mór an scríobadh do fuair sé: glanadh amach. Budh cheart scríobadh maith do thabhairt do thóin na luinge, tá sí lán de charra: glanadh lé húirlis ghéir: scriosadh. Na prátaidhe do scríobadh ar an ngráta: do chuimilt go cruaidh air ionnas go mbrisfeadh sé iad. Níl ann ach scríobadh na gcos den dtalamh anois .i. gan bheith lúthmhar ná éascaidh.

scríobadach: *b.2.* tochas, cuimilt cruaidh, stracadh, stoladh. Cad é an scríobadach atá ar an ainmhidhe sin i gcoinnibh an fhalla, feannfaidh sé é féin: cuimilt chruaidh mar bheadh ag baint an tochais de féin. Fuair an dochtúir go raibh mórán scríobadaighe ar scraith cinn an fhir mhairbh: scrabhaite maithe móra: an croiceann gearrtha.

scríobadóir: *f.3.* scriostóir; glantóir; bailightheóir. Sin píp an-shalach agat, an carra atá laistigh uirthi, níor mhór scríobadóir di: fearas géar chun a scriosta. Riamh ní tháinig sé follamh chun an tighe, scríobadach ar fheabhas seadh é: duine a bhailigheas chuige is leis go dícheallach. Faic níl agam tar éis an lae, is oth liom gur droich-scríobadóir me: bailightheóir gan mhaith.

scríobhadóir: *f.3.* duine a ghníos scríobhnóireacht; cléireach; duine gur b'é a dhualgas fiadhnaise do dhéanamh lé scríbhinníbh áirighthe, cómhaontuighthe, bannaidhe, dearbhaithe, etc. Scríobhadóir puiblidhe .i. duine mar tá luaidhte. Scríobhadóir atá ag déanamh a bheatha ar chóipeannaibh do dhéanamh.

scríobhadóireacht: *b.3.* gairm scríobhadóra. Ar an scríobhadóireacht do mhaireann sé: beith ag ceapadh 'sag scríobh aistidhe, leabhartha, etc., etc.

scríobhaidhe: *f.4.* duine a scríobhas; rúnaire; rúnaidhe; sa tSean-Reacht duine a scríbh is a mhínigh na dlighthe. "...agus do bhéarthar Mac an Duine d'uachtaránaibh na sagart agus do na scríobhaidhibh agus bhéaraid siad breith bháis air" (Matha XX. 18). Mise scríobhaidhe an chruinnighthe seo: an té a bhreacas ar pháipéar lé peann na himtheachta.

scríobáil: *b.3.* scríobadh, scriosadh, cuimilt; bailiúchán dícheallach; mion-chríochnamhlacht. Is olc an chearc ná déineann scríobáil di féin: ná bailigheann an oiread gráinne is chothuigheann í. Dá mbeinn ag scríobáil ó shoin ní bhfaghainn ceathramha phúint té idir cheithre gheata an bhaile mhóir, lé n-a gainne: ag cuardach dóighe agus andóighe. Teasbáin dom an méid scríobála atá ó mhaidean agat: an méid a éirigh leat do bhailiughadh go friochnamhach. B'fhéidir go bhfuil an oiread scríobála ar thóin na pípe is go bhfaghfá gal as: beagáinín tobac. "An bhfuil aon airgead sa tigh?" – "scríobáil an-bheag má tá": fíor-bheagán. Na trollairidhe ag scríobáil tón na bágha, biadhaiste ar bhiadhaiste, bliadhain ar bhliadhain: ghá iascach go dian, dícheallach. Cad é an scríobáil atá ar an gcat san?: cuimilt chruaidh lé n-a ghathaidhibh. Bheadh scríobáil éisc ag duine a chuirfeadh roimis é, is dá luighead é, dob fhearr é 'ná bheith ag itheadh tur: ádhbhar.

Bíodh gach éinne ag scríobáil do féin: d'iarraidh déanaimh do féin, go mór-mhór nuair ná bíonn flúirse. Árd-scríobáil atá déanta agat is leath-chéad púnt do bheith sa bhannc agat: cur lé chéile maith críochnamhail. Ná bídh ag scríobáil a chéile mar bheadh clann tuinncéiridhe: ag feannadh leis na hingnibh. Caith scríobáil éigin chun an mhadra san, tá sé caillte leis an ocras: ádhbhairín éigin bídh. Ag scríobáil lé sluasaid tímcheall an chróidh: ag bailiughadh shalachair. Ní ceart gearán ar an ngort san, bhí scríobáil fhéir air: salachráil: féar cuibheasach.

scríobaim: *b.a. 7 n-a.* scriosaim nó cuimlim uachtar aon rud, cuirim rian i rud lé fearas géar, tochasaim, gabhaim athchomair do, stracaim lé hingníbh. "Scríob thu féin anois", deirtear go searbhasach lé duine go mbíonn a bhotún déanta aige, teipithe air, díombáidh curtha air, etc. Scríob do phlaosc (cloigeann, ceann, etc.) anois: tochais é má tá díombáidh ort. Scríob an chloch de, dá mbuaileadh sí air bhí sé marbh, ghaibh sí dá dhruim go hathchomair: theangmháil sí dhe. Scríobas an salachar lé sciain: baineas anuas é. Scríobadar na háraistidhe bhí an oiread san ocrais ortha: d'itheadar glan a raibh de bhiadh ortha. Scríobadh an siopa in aon ló leis an méid do ceannuigheadh ann: árduigheadh chun siubhail a raibh d'earraidhibh ann. Scríob an piléar dem uisinn: theangmháil di gan dul tríthe. Scríob-sa mise is scríobfad-sa tusa: cabhair liom, maoidh asam, déin maith dhom is déanfad-sa an céadna dhuit. Is olc an chearc ná scríobann di féin: ná bailigheann a chuid gan chabhair. Scríob tóin an chorcáin ó thalamh, ná fág aon teimheal air: scrios é: glan é gan rian d'fhágaint air.

scríobhaim: *b.a. 7 n-a.* cuirim i bhfoclaibh ar pháipéar lé peann; ceapaim is cuirim ar pháipéar, i leabhar, etc. Scríobhfad leitir. Scrígh sé leabhar. Ní scríobhann sé (abhaile) in ao'chor: ní chuireann tuairisc fé n-a láimh féin uaidh. Is fearr a labhrann sé 'ná scríobhann sé: is taithneamhaighe a thagas a smaointe as a bhéal 'ná mar is féidir leis iad do bhreacadh ar pháipéar.

scríobaire: *f.4.* fearas a scriosas an-salachar; greantóir. Ní mór scríobaire chun tóin an bháid do ghlanadh: scriostóir. Scríobaire cliste a chuir an scríbhinn sin ar an scláta práis sin: greantóir.

scríobaidhe: *f.4.* cruinnightheóir baileach; duine a bhíos ag bailiughadh go cruinn agus go baileach. An-scríobaidhe seadh é, is fiú é do chur amach chun ruda do bhailiughadh: an-bhailightheóir. Tá agat, ambaist, is tusa an scríobaidhe gur fiú bheith ag braith air: cruinnightheóir. Scríobaidhe madra a gheóbhadh rud dá mbeadh sé fé ghlas agat: a bhíos ag síor-lorg.

scríobálaim: *b.a.* bailighim go cruinn, cruinnighim, cuirim lé chéile go dícheallach. Scríobáil leat, ná fág luid id dhiaidh: bailigh a bhfaghair. Scríobáil na trollairidhe a raibh ar thóin na mara d'iasc: scriosadar é: níor fhágadar breac ann. Cár scríobálais an t-airgead chun dul ar an rás: é do bhailiughadh go dícheallach, cúramach. Má scríobálaim an spré dhuit an bpósfair é?: má fhéadaim é do chur lé n-a chéile. Ná bíodh aon eagla ort ná go scríobálfaidh sé siúd do féin má dhéineann éinne: ná go mairfidh sé.

scríobálta: *a.r.* cruinn-bhailighthe, curtha lé chéile go cúramach. Ní raibh againn chun troda ach pé sean-ghunna a bhí scríobálta thall 'sabhfus againn: bailighthe lé cuardach dian, dícheallach. Léan ort, a aireacháin, tá an pláta scríobálta agat: a raibh air ithte glan. An cladach scríobálta scriosta d'fheamnaigh: í go léir árduighthe chun siubhail. Faic níl sa tigh ná fuil scríobálta: ithte: bailighthe chun siubhail: ídighthe. Caithfead stad anois, tá mo phócaidhe scríobálta: follamhuighthe: a raibh ionta caithte.

scríobán: *f.1.* aon rud chun scríobtha nó scriosta; cárda olna. Scríobán steaimpí: fearas déanta de stán, puill gharbha ann chun prátaidhe do scríobadh (chuimilt) air lé haghaidh císte do dhéanamh díobh.

scrioblún: (**scribliún**) *f.1.* duine tanaidhe, seirgthe, caol, árd; ainmhidhe árd, cnámhach. Cá mbeadh an neart i scrioblún mar é sin?: cad tá ann ach cnámha is aoirde. Tuiteadh an t-arm uait, a scribliúin: duine caol, neamh-anamamhail. Scrioblún capaill ná cuirfeadh muileann aon bhláthas feóla air: raga árd, cnámhach.

scríobtha: *a.r.* scriosta, glanta, follamhuighthe. An baile scríobtha de n-a raibh de bhiadh ann: glanta amach: é go léir árduighthe chun siubhail. Níor fhágadar pláta ar an mbórd ná go raibh scríobtha: glan ó bhiadh. Áit chómh scríobtha lé croidhe do dheárnan seadh anois é: gan faic fágtha ann. Aon phinginn níl agam, táim scríobtha: pé rud a bhí agam imthighthe. Ragairne is scléip d'fhág scríobtha é: gan cianóg.

scrioptúir: *f.3.* an Scríbhinn Diadha. Fear mór scioptúra: gur mian leis bheith ag tagairt don mBíobla, ag aithris as, etc. "Adeir Íosa riú, nár léigheabhair riamh annsan scioptúraibh, an chloch do dhiúltadar na saoir, is í atá ar na déanadh 'na ceann annsan chúinne; is é an Tighearna do rinne so, agus atá sé iongantach in ár súilibhne?" (Matha, XXI. 42): an scríbhinn diadha. "Óir do rinne sé diospóireacht mhór shaoithreach i bhfiadhnaise an phobail ins na Iúdaighibh dá fhoillsiughadh as na scioptúiribh gurbh é Íosa an Críost" (Gníomhartha XVIII. 28).

scrios: *f.3.* scríobadh, glanadh, scuabadh, cur ar feódhadh, baint, díbirt; milleadh, fuadach, creach. Ní leigfinn d'éinne me do scrios pé hé féin: a mbeadh agam d'árdach leis: me do bhochtnughadh. Tá an cogadh so ag scrios an domhain mhóir: ghá dhealbhadh: ghá mhilleadh. "Táir ghod scrios féin leis" (searbhas), lé duine a bheadh ag déanamh mórán cainnte den mbeagán do bheadh aige dhá thabhairt uaidh. Is mór an scrios choidhche biadh do thabhairt don té ná déineann saothar: truagh chráidhte. "Chaill an té seo d'áirighthe mórán airgid" – "mo scrios é!": mo lot (searbhas) .i. is mór is cuma liom-sa san. Scrios den gceanntar dob eadh a leithéid de mhúinteóir mhaith d'aistriughadh: creach: díoghbháil mhór. Nuair gheóbhaidh t'athair greim ort, a bhuachaill, déanfaidh sé scrios ort: achmhusán is íde bhéil, is ní fios cad ná déarfaidh sé leat: gheóbhair scalladh an anama uaidh. Dhein na fíogaigh scrios orainn (ar ár gcuid éisc): stracadar is laiteadar an t-iasc. Is mór an scrios é go deimhin .i. ní fiú trácht air nó is beag an dochar é: b'fhéidir an rud atá tárlaidhthe do bheith tuillte go maith. Ní haon scrios thu: beagán airgid do chaitheamh: aon truagh níor cheart do bheith dhuit. Dheineadar scrios ar a chéile lé dlighe: díoghbháil mhór dá chéile. Deineadh scrios ort laistiar ded dhrom: mórán cúl-chainnte is tromaidheachta. Scrios ná raibh ort!, deirtear so

ag tabhairt scallaidh míchéadfaidh do dhuine. Tar éis mo screasa dem mhaoin shaoghalta ní rabhadar sásta gan mé dhíbirt: a raibh agam do bhaint díom: d'fhuadach uaim. "Dá mbeinn-se ann ní bheadh san i gceist" – "is mór an scrios ná rabhais, mhuis, b'éachtach an fear ann é": á, nách mór go léir an truagh é. Mise an scrios is ní tusa: mise an duine is mó truagh. Táim ag scrios na bhfocal so, táid go léir mí-cheart: ghá lomadh: ghá gcaitheamh amach. Scrios mhaidne ortha ná cuireann deireadh leis an gcogadh gránda diail seo: mallacht ortha! Scrios mhaidne ort! a bhleaigeáird thoghtha, is mór agus is trom iad do chortha: mallacht dhubhluighthe ort. Ní scrios go dtí gan a dheamhasáil do thabhairt do: náire dhearg seadh é. "Déanfaidh an oidhche anocht scrios" nuair chidhtear drochfhuadar fén aimsir. Tá scrios déanta ar an arán aca: é go léir ithte. Is mór an scrios ar arán bheith ghá chaitheamh chun na madraidhe: milleadh: roithleach. Scrios ó neamh ar gach n-aon a dhein mo dhíth: milleadh is lomadh. Bí ag scrios leat anois, nó má mhoillighir is teinn duit: ag cur díot. Aon fhaillighe a gheibhir orm chromair ar scrios orm: ar fhuadach uaim nó bheith ag tromaidheacht orm. Scrios lom ortha: milleadh iomlán.

scriosach: *a.* scríobach, cuimealtach, millteach, creachach, díoghbhálach. An mbeireann an duine ar aon rud ina lámhaibh is scriosaighe 'ná cártaidhe, is beag ná fágaid cimiar ortha: is díoghbhálaighe. Deineadh ionsaidhe scriosach ar an gcathair ón aer gur marbhuigheadh na mílte innte: díoghbhálach: goirtightheach. Aimsir í seo ná féadfaidh daoine do bheith scriosach i dtaobh bídh is gan an chuid is lugha dhe do leigeant ina roithleach: millteach, díoghbhálach. Dhein sé cainnt scriosach ort, ní raibh droichbheart fén spéir nár chuir sé id leith: millteach: cáinteach.

scriosadh: *f.* (*-sta*) scríobadh, milleadh, glanadh, dealbhadh, díoláithriughadh; bánughadh. Iomad cainnte is beagán gnímh scriosadh aon dúthaighe: milleadh: a díoghbháil. Dar fiadh, is maith an scriosadh é sin a fuair a chorrán: glanadh leis an rásúir. Ag scriosadh is ag glanadh an tighe i gcóir na Cásca: ag scríobadh gach salachair is teimhil. Ag scriosadh na lathaighe d'íochtar mo thriubhais lé sciain: ghá bhaint amach trí chuimilt na scine den éadach. Na tonnaidheacha troma, fiadhaine, áidhbhéile ag scriosadh na gcloch den gcladach: ghá bhfuadach chun siubhail go tréan, glórach. Is éachtach an scriosadh atá déanta ag an Seapáin ins an méid aimsire atáid i gcath: an méid talmhan atá gabhtha aca is na cathanna atá curtha aca. Cáin throm is gannchúis oibre is iad is fearr chun dúthaighe do scriosadh: do bhochtnughadh: gan aon rud dob fhiú d'áireamh d'fhágaint innte. Tobac is té atá ag scriosadh na dúthaighe: ag déanamh mórán díoghbhála dhi. "Is é atá ghod scriosadh-sa", ars an mháthair leis an ngiofaire inghne, "ná fuil triubhas ort": atá go mór ghod choimeád gan do thoil féin ar fad do bheith agat. Ag scriosadh is ag glanadh an tighe go dtí go raibh gléas i ngach pioc de: ag baint an teimhil, an tsalachair is na smúite dhe. Budh ghearr an mhoill ar an sciain ghéir sin barra na méire do scriosadh dhíot: do sciobadh glan. An ghaoth ag scriosadh na gceann des na gasaibh, budh thruagh leat é: ghá mbaint mar bhainfeadh faobhar. Sin é, meil an mhaidean ghod scriosadh féin, budh dhóigh lé duine gur ag dul 'od phósadh do bhís: ghod ghlanadh, god scuabadh is god shocrughadh féin. Ní beart furaiste in ao'chor muc do scriosadh, ní mór uisce te agus mórán cuimealta: an guaire is an clúmh do bhaint glan dá croiceann. Bád í go bhfuil scriosadh innte: siubhal mór. Scian go bhfuil scriosadh innte: gearradh éachtach. A chailín, tá scriosadh (chun gnótha) ionat: fuinneamh agus nimh ar gach pioc

díot. Uair an chluig do thóg sé ón ngluaisteán an dathad míle ar bhóthar ná raibh ró-mhaith, budh mhór an scriosadh é: an luas. Cá bhfuil tu ag dul go bhfuil an scriosadh siubhail fút?: an t-imtheacht mar bheadh rud go mbeadh faobhar nimhe air. Ní lá fós é maran bhfuair do chúl scriosadh ón mbearbóir: bearradh lom, dian. Nuair bhí an Rúis ag cúladh ón nGearmáin chromadar ar gach aon rud do scriosadh leo: do lat is do réabadh. Sé an t-órdughadh déidheannach do fuair arm an dá thaoibh an namhaid do scriosadh, gan trócaire do bheith ar a lámhaibh: do mhilleadh. Fé mhaidean bhí scriosadh fachta gem sparán, bhíos ag cailleamhaint i rith na hoidhche: lomadh: cuid mhór imthighthe uaim. Bhraitheas an piléar ag scriosadh dem chluais: ag gabháil lé fuinneamh go hathchomair di. Ag scriosadh na n-iascán de charraig lé bior do bhí sé nuair báthadh é: ag baint a ngreama lé faobhar is neart. Ní mór den mhaidin a bhí caithte in am is go raibh scriosadh fachta ag an aonach: glanadh: na hainmhidhthe ceannuighthe, imthighthe.

scriosadóir: *f.3.* millteóir, laititheóir, creachadóir, scríobthóir. Faigh scriosadóir agus glan tóin an bháid sara gcuirtear gaiste fúithi: fearas géar a bhainfeadh an carra dhi. Is gránda na scriosadóiridhe piastaidhe ar ghabáiste: millteóiridhe: laititheóiridhe. Níl aon namhaid ag gasaibh laga ach an ghaoth, scriosadóir ceart ortha seadh í: nidh a bhascas is a laiteas iad. Ní fhágfadh an scriosadóir sin faic agat dá bhfaghadh sé an chao ort: fuaduightheóir: duine a thógadh do chuid i nganfhios. Scriosadóiridhe franncach is luch a dhein gráinseach den arbhar: millteóiridhe: ainmhidhthe a chogain is a lait é. An bás an t-árd-scriosadóir: an rud is mó a ghníos creach. Scriosadóir seadh an deargán mara mbír cliste chun a mharbhtha: creachadóir baoitidhe.

scriosadóireacht: *b.3.* millteóireacht, creachadóireacht, glantóireacht; scríobthóireacht. Ag scriosadóireacht ar an gcarraig lém bhior: ag scriosadh pé nidh fhásas nó a chlaoidheas léi. Tá an tigh chómh glan glé aice lé scilling nuadh, deirim-se leat go bhfuil scriosadóireacht déanta aice: glanadh is scartadh. An lá do chaitheamh ag scriosadóireacht: ag glanadh 'sag cuimilt salachair de. Níor fhág an mada ruadh éan agam tar éis na hoidhche, nách é do dhein an scriosadóireacht orm: creachadóireacht: mo chuid ar fad d'árdach leis. Ag scriosadóireacht atá an bitheamhnach Seán Buidhe riamh: ag creach dúthaighe.

scriosaim: *b.a. 7 n-a.* scríobaim, glanaim, scuabaim, sceinnim de; gluaisim go prap; lonaim; bainim; creachaim; dealbhuighim; coillim; leagaim; laitim; sciobaim; snapaim. Ná scrios ar fad me, fág luid éigin agam: ná bain díom ná ná tóg uaim a bhfuil agam. Scrios an tigh sin é: chaith sé mórán mór airgid leis. Ná scrios tú féin ar fad liom: ná tabhair breis is tá gustal air dom. Scriosfadh an lá indiu na cait .i. lá d'fhuaire go bhfeannfadh sé an cat féin. Scrios sé tharm mar dhéanfadh saighead nimhe: sciúird chun cinn orm. Scrios na ceannuigtheóiridhe an ceanntar de n-a raibh de stoc ann: thógadar leó iad. Scrios! má gheibhim greim annso airís ort, beidh do mharbh orm: imthigh! gread! Ná bí ag lorg a thuilleadh anois, tá do dhóthain fachta agat, scrios leat: imthigh go luath, láidir. Scrios an piléar de pholl a chluaise!: ghaibh sé árd-gheairrid dá chluais: "bhí gaoth aige" ag gabháil dá chluais. Scrios agus glan thu féin, níl aon chlódh ort ach mar bheadh ar mhuic: scríob an salachar agus nigh thu féin. B'fhearr liom go scriosfá an dá fhocal san, ní oirid go ró-mhaith annsan: síog nó stríoca do tharrac ortha: iad do lomadh. Scriosfad lém speil a bhfuil de sceachaibh ar an gclaidhe: gearrfad iad: lomfad iad.

Scriosaimís an mhuc: scólaimís í lé huisce te agus bainimís na guairidhe is an clúmh di. Scriosadh airéir me ag imirt chártaidhe: níor fágadh aon rud agam. Scriosfadh is scriosann an t-ólachán éinne: dhealbhóchadh. Ní raibh ach a rádh gur scrios sí an charraig siar: gur ghaibh sí tháirsi gan bualadh uirthi. Má leanaid de bheith ag baint mhóna mar seo scriosfaid na cnuic: lomfaid: ní fhágfaid fód ortha. Scrios a bhfuil de pheacaidhibh ar t'anam lé faoistin ghlan is aithrighe chóir: cuir ar neamh-nidh iad. Scriosadh ón aer a raibh de thighthibh sa tsráid, ar maidin ní raibh ina sheasamh ach fo-fhalla: treascaradh: díoláithriughadh. Chúig uaire do scriosadh Corca Dhuibhne deirtear: creachadh: tugadh cloidheamh is teine dhi. Níor fágadh bó ar an dtalamh aige, ní bhíodh luid den éadach air, lom-scriosadh ar fad é: creachadh: deineadh bochtán ar a dhá chois de. Scriosfar na cluasa dhíot, tá an oiread san cúise ort: bainfear díot iad lé faobhar: teascfar iad. Ná fág na hainmhidhthe ró-fhada ar an dtalamh nó scriosfaid é: lomfaid: íosfaid síos go cré é. Ná scrios tú féin i gcóir an lae: ná scar lé puinn ded chuid – an oiread agus d'fhágfadh ceal ort féin. Scriosamair as an áit chómh mear is bhéarfadh ár gcosa sinn: d'imthigheamair orainn gan ró-mhoill. Go scriosaidh an diabhal é, an cníopaire, maran air atá an t-eagla go mbeidh sé bocht: go ndealbhuighidh!: nár fhanaidh luid aige. An oiread faobhair ar an speil sin agus scriosadh an ceann de tharbh: do theascfadh go glan de é.

scriosamhnach: *f.1.* duine láidir, lúthmhar, bríoghmhar. Is mór an dochar dá mhuinntir scriosamhnach de gharsún mar é d'imtheacht uatha: garsún go raibh ceól, gnóth is obair ann. Tá sí ina scriosamhnach gearrchaile anois: mór, groidhe, lúthmhar. Scriosamhnach fir go bhfuil lúth ina ghéagaibh: fear bríoghmhar.

scrios-bhuille: *f.4.* scuab-bhuille; buille fuinneamhail. Gach aon scrios-bhuille ar an asal bocht ag an dtuinncéir lé bata feadh na n-easnaidheacha: buillidhe a luigheadh ar chuid mhór dá chorp. Thug sé fúm lé scrios-bhuille, is b'é toil Dé gur sceinn sé dhíom: ceann gur thóg sé scóp leis.

scriosta: *a.r.* scríobtha, glanta, scuabtha, sciorrtha, creachta; lomtha; imthighte; glanta leis; feannta. Mo phóca scriosta ag an lá: scríobtha: a raibh ann caithte. Is maith scriosta an leaca atá agat: tú bearrtha, glan go maith. Tar éis úrláir an stábla do bheith scriosta agam chuireas easair air: an salachar scríobtha dhe mar bheadh lé faobhar sluaiste. Ar fhéachaint suas dom ar maidin seadh chonnac go raibh an ceann scriosta den dtigh: bailighthe leis mar bheadh ag gála gaoithe. Beidh an saoghal mór scriosta sara stadfaidh an cogadh so: creachta: dealbhuighthe. Tá an tír scriosta má theipeann na prátaidhe ambliadhna: creachta: bochtnuighthe. Ná bí ar a lorg anois, is fada ó bhaile um an dtaca so iad, táid scriosta leo ó mhaidean: imthighthe mar bheadh eagla ortha nó an teicheadh curtha ortha. An croiceann scriosta dem láimh ag an rainn: feannta: imthighthe dhi. Tíortha scriosta seadh aon tíortha gur bhuail an cogadh áidhbhéil seo iad: creachta: a gcuid is a maoin imthighthe an bóthar. Gort scriosta é, níl ruibe tríd aníos: ithte: dealbhuighthe. Tá an bórd scriosta agat (cártaidhe): an t-airgead go léir buaidhte. Beidh daoine uaisle chughainn ambáireach, bíodh gach aon áit scriosta glan agaibh: gan teimheal, gan smúit, gan salachar. Is maith scriosta atá sé i gcóir a thurusa: gabhtha, glan, bearrtha, gléasta.

scriostóir: *f.3.* aon fhearas nó gléas a scriosas nó scríobas salachar, teimheal, etc., a mhilleas, a ghearras, a laiteas. Ar a shleamhaine is a mhíne atá do leaca do bhí scriostóir maith rásúrach agat: bearrthóir. Scriostóir ceart dob eadh an gála so a tháinig go déidheannach, níor fhág sé fás os chionn talmhan gan ruadhachtaint: millteóir: creachadóir. Lé scriostóir a glantar tóin na n-áthraighe nuair bhíonn carra is báirnigh bailighthe ortha: fearas nó úirlis go mbíonn faobhar air. Is áidhbhéil na scriostóiridhe, Dia d'ár gcosnamh ortha, loingeas aoir nuair phléascaid cathair: millteóiridhe.

scriothalach: *f.1.* an déith, déithearnach, an phuth. Ní mór tharais an scriothalach ionam ag saothar ag teacht i gcoinnibh an chnuic ghéir sin: ar éigean táim ábalta ar m'anál do tharrac. Tá an scriothalach imthighthe asam, do bhí an t-ualach ró-mhaith dhom: an déith: an anál dheireannach. Níl an scriothalach féin sa teine anois: tá sí in éag.

scriúda: *f.4.* ball nó fearas tabharthach, cuar nó bídhis mhiotail, claon lé filleadh ar a chéad-chrot ar bogadh teannta air; máille. Connus tá gach aon scriúda dhíot, a chara?: gach aon mháille dhed chorp. Tá mo scriúdaidhe ag crapadh leis an aois: an lúth ag imtheacht as mo bhallaibh beatha. Ní mór ná gur imthigheas síos trí thóin na leapan nuair bhris an scriúdaidhe innte. Leath-scriúda deiridh an ghluaisteáin briste.

scrobaire: *f.4.* cníopaire, scríobálaidhe cruinn; sprionnlaitheóir. An scrobaire diabhail sin, ní bheinn in aon bhóthar leis, ní chaithfeadh sé pinginn air féin dá saorfadh ón mbás é: sprionnlóir. Nuair iarrfá rud ar an scrobaire ní fheadraís cad déarfadh sé, bíonn a leithéid sin de niúidí neáidí aige: cníopaire: duine bocht-chroidheach.

scrobaireacht: *b.3.* cníopaireacht, cruinneas, sprionnlaitheacht. Bíonn an oiread scrobaireachta air ag tabhairt ruda uaidh gur bh'fhearr leat gan é do lorg in ao'chor air. "Ní fheadar" "ní fhiúdar" aige: dochma croidhe scaramhaint lé haonnidh. Gheobhadh sé bás leis an bhfuacht lé scrobaireacht sara gcuirfeadh sé luid den éadach air féin: cruinneas gan scaramhaint le pioc dá chuid.

scrobarnach: *f.1.* fíothail, dríodar; drabhfhuigheall; spiothanach. Dheineamair teine bhreágh den scrobarnach a bhailigheamair tímcheall na gcrann: brosna: slapair crann, préacha, etc. Bailigh chughat an scrobarnach éisc sin, tá sé ró-mhion lé cur ar aon mhargadh: graimisc gan mhaith. Scrobarnach sceach is aitinn ní mór an mhoill teine d'adhnadh as: brosna: bruscar: cipineach. Ceannuigheadh scrobarnach an aonaigh chómh maith leis an gcuid dob fhearr, bhí an oiread san tógála ar stoc: an dríodar: rudaidhe dearóile.

scrog: (**scruig**) *b.2.* an muineál, cuing an mhuiníl, scrogall buidéil; snáith nó téad shnoighte; sean-bhó, sean-fhóisc, etc.; duine sprionnlaithe. An bhfaghann sé aon rud lé n-itheadh? féach an scrog atá air: muineál caol, croithte. Beir ar scruig ar an mbitheamhnach, is maith atá sé tuillte aige: luigh go dóighte ar mhuineál air. An scrog corr-iasc atá air: muineál fada, caol. Cuir snaidhmeanna ar an dtéid nó brisfidh sí, tá scruigeanna ag teacht innte: ná cuir ag snoighe is ag caitheamh. Níl scruig ná ruaircín ann: é lom caithte nó cnapánach. D'aithneófá ar an scruig atá uirthe go bhfuil sí sprionnlaithe: an muineál caol, tanaidhe. Is iomdha feirmeóir go mbeadh náire air

scroganna bó mar iad san do bheith aige: rudaidhe galair. Scroganna caorach ná fuil ionta a seithidhe d'iomchar: caoire bochta, dearóile.

scrogach: (**scruigeach**) *a.* fad-, caol-, lom-mhuineálach; caithte, snoighte. Ainmhidhe scrogach seadh an camall: fad-mhuineálach. Ní maith an snáithín é sin, tá sé an-scrogach: lán de bhallaibh laga, snoighte. Téad scrogach: go mbíonn laganna snoighte innte: na cuir caithte, dearóil.

scrogaire: *f.4.* duine nó ainmhidhe fad-mhuineálach; duine a bhíos ag scrogghail nó ag síneadh a mhuiníl d'iarraidh rudaidhe d'fheicsint nó do chlos. Ní chuirfeadh muileann bláthas feóla ar an scrogaire: duine lom, caol, fad-mhuineálach. Scrogaire capaill, bó, etc.: go mbíonn muineál fada ortha. "Fan siar uaim, a scrogaire", déarfadh cearrbhach lé cúl-chearrbhach bheadh d'iarraidh cártaidhe do léigheamh. Tair isteach ón ndoras is ná feiceadh éinne ag faire mar sin thu, a scrogaire: duine fiosrach a bhíos ag síneadh is ag searadh a mhuiníl chun amharc d'fhagháil ar cad a bheadh ar siubhal. Tóg anáirde do cheann, a scrogaire: duine go mbíonn a cheann ag teacht sa tslighe trí bheith ghá shearadh. Tá sé gan neart, an scrogaire: duine fada, caol, lom-mhuineálach. Fág an áit is ná bí id scrogaire annsan os chómhair na ndaoine: duine a ghníos gnáth de bheith ag faire lé fiosracht.

scrogaireacht: *b.3.* síneadh is searadh muiníl ag fairighis nó ag éisteacht. Ná bíodh aon scrogaireacht im chártaidhibh-se nó cuirfead do lámh i bpaca: ná bí ag searadh do mhuiníl d'iarraidh mo chártaidhe do léigheamh. Cad é an scrogaireacht atá agat ar cad tá agam-sa dhá dhéanamh: fairighis, scrúduightheach. An té ná bíonn aon chúram air is gnáthach leis bheith ag scrogaireacht i ndóirsibh is i bhfuinneógaibh: ag amharc amach síos is suas an bealach. Buaileadh im aigne gur rud éigin do chonnaic sé ar snámh nuair chonnac ag scrogaireacht de dhruim na faille: searadh cinn. In ionad aon ruda do dhéanamh do féin sa ghort caitheann sé an lá ag scrogaireacht: ag féachaint ina thímcheall. Sluagh mór bailighthe tímcheall ar fhear na gcleas is iad ag scrogaireacht de dhruim gualann a chéile: ag dul ar bharraidhibh a gcos is ag searadh a gcinn chun breis radhairc d'fhagháil ar a mbíonn ar siubhal aige.

scrogall: *f.1.* muineál, sloigín, an chuid den gcorp idir an chabhail agus an ceann; an chuid chaol de bhuidéal ar an dtaobh thíos den mbéal; scórnach; mám. Cad tá air? níl ann ach an scrogall 'san t-iogán: chómh lom caithte sin ná fuil rian feóla ortha, go bhfuilid le tabhairt fé ndeara go soiléir ón dtaobh amuigh. Bíodh foidhne agat, ná tair grod air, ná beir isteach ar scrogall air: ná bí ró-dhian air, i dtaobh fiach, etc. etc. D'imthigh an corc síos i scrogall an bhuidéil: ina scórnaigh. Amuigh i scrogall an chuain tá carraig an-chonntabharthach: sa bhéal caol atá air. Ag teacht ón dtaobh eile 'e chnoc tá scrogall go ngaibhtear tríd: mám: gearradh: scórnach. Beir chugham ar scrogall é seo: beir, agus greim daingean agat air. Idir an oileáinín amuigh agus an míntír istigh níl ach scrogall (talmhan): cuing: blúire de thalamh chaol. Níl agam-sa de bharr an chúrsa ach an scrogall 'san t-iogán: díg: mise is lugha go bhfuil dá bharr agam. Ní mór an chainnt a bhí eatartha nuair chuadar i scrogall a chéile: chromadar ar achrann go fiadhain.

scrogallach: *a.* fad-mhuineálach, fad-scórnaigh. Éan scrogallach an corr-iasc: go muineál fada, caol. Buidéal scrogallach: a bhíonn fada caol ó chabhail go béal. Nách maith scrogallach an t-ainmhidhe é mar itheann sé de dhruim an chlaidhe isteach: muineál a shearas tamall maith.

scrogallach: *f.1.* duine, ainmhidhe, éan, etc., go mbíonn scrogall air. Ní nár duit, a scrogallaigh, bheith ghod chur féin i gcomórtas lé fear córach mar mise: duine caol árd is muineál dá réir air. Féach! an brat scrogallach atá ar an gcarraig: mórchuid éanlaithe (fiaigh mhara, etc.) ag searadh a muineál ag braith nó ag fairghis ar an namhaid.

scrogán: *f.1.* muineál, cuing (thalmhan). Stracfadh sé an scrogán asam dá bhféadadh sé é, sin é meas atá aige sin orm-sa, agus fáilte roimis má fhéadann sé é: an ceann as an muineál agam. Scrogán an-chaol, saghas scairbhe, atá ag dul amach ann ón mín-tír: cuing thalmhan.

scrogartach: *f.1.* duine nó aon rud a bheadh árd, fada, caol-mhuineálach. Scrogartach fir, capaill, bó, etc. Scrogartaigh ghas: gais árda gan mhaith.

scrogail: *b.3.* searadh muiníl; léimeadghail cinn síos suas mar bheadh ag faire. An scrogail a bhí air thar conntabhairt féachaint cad bhí istigh fúithi: síneadh is searadh cinn go fiosrach. Thug sé an lá ag scrogail san oifig: ag féachaint ina thímcheall agus gan faic dhá dhéanamh aige. É ina sheasamh sa doras (a cheann sa bhfuinneóig) ag scrogail síos suas an tsráid (an bóthar) ag faire gach éinne: ag iompódh a chinn i ngach treó is ag searadh a mhuiníl ag tabhairt rudaidhe fé ndeara. Má bheirim ort ag scrogail im chártaidhibh airís cuirfead do lámh i bpaca: d'iarraidh féachaint i nganfhios ortha. Táim ag scrogail lé n-a dhéanamh: ag dréim leis. Ar scuaine fiach mara ina gcois ar an gcarraig do bhí an scrogail nuair chualadar an piléar: searadh muiníl go faitchíosach.

scroglachán: *f.1.* duine nó ainmhidhe fad-mhuineálach. An scroglachán bocht is ann ná fuil an fulang fuachta: duine caol, árd, leice. Tá drom an scroglacháin sin ró-lag, ní iomcharóchadh sé faic.

scrogóg: *b.2.* seanduine nó sean-ainmhidhe dearóil. Tá sé ina scrogóig anois, é go hárd os chionn cheithre fichid, gan ann cúinne na teineadh d'fhágaint, cé go raibh ceól tamall ann: crúnca críon, tugtha.

scroible: *f.4.* duine neamh-ghasta, neamh-ghlan; duine nó ainmhidhe fada, caol; aon rud a bheadh fada liobarnach. Scroible fir ná raibh puinn riamh ar an easna aige: caol, tanaidhe, lom. Ná bí id sheasamh id scroible annsan, déin rud éigin: fada, caol, árd, gan chor, ach oiread lé dealbh. Scroible bó ná cuirfeadh aon rud cothughadh uirthi: rud seang. Dá mbeinn im scroible mar thusa tímcheall an tighe is rian an tsalachair ar gach rud im dhiaidh do bheadh náire orm: bean liobarnach, leibideach. Nách tu an scroible, an bhfuil anam in aon ghéig leat?: duine seang, árd gan lúth, gan tapa. Ladhar eascún ná raibh ortha ach scroiblidhe: rudaí seanga, fada.

scroibleach: *a.* aindeis, neamhghasta, neamh-chríochnamhail. Nách scroibleach a rugais air gur thuit sé uait: aindeis, liobarnach: neamh-chruinn. Casóg scroibleach síos go haltaibh air: fada, liobarnach. Is rí-dheacair an scríobh scroibleach so do léigheamh go minic: aindeis, droch-chlóidh. Nách ort atá na lámha scroibleacha, ná féadfá do ghreim do choimeád ar aon nidh: liobarnacha, neamh-ghasta.

scroibleach: *f.1.* drabhfhuigheall, dríodar, daoscar. Chaith an brothaire an scroibleach feóla a bhí tímcheall na háite chun na mná boichte: blúiridheacha earrasbarr. Bhailigheadh scroibleach na gcúl-shráideann tímcheall ar an meisceóir is bhuailidís an bob air: daoscar: cóip.

scroid: *b.2.* lón beag éadtrom, ruisín, ádhbhar bídh lé linn deabhaidh nó idir dhá bhéile. Má bhrostuighimíd beidh am againn scroid do chaitheamh: béile bheag. Ar an slighe abhaile ón amharclann bíodh scroid áirneáin agat: séire deireannach.

scroid: *b.2.* crúca. Scroididhe na srathrach faide. Feóil ar crochadh ar scroididhibh tímcheall an tsiopa: ar chrúcaidhibh iarainn.

scrolla: *f.4.* rolla, clár; scríbhinn oifigeamhail; clár oifigeamhail, cliath ainmeach, talmhaintidhe, etc. Scriosadh ainm an atúrnae den scrolla mar gheall ar mhíghníomh éigin: cuireadh ó chrích a ghairme do chleachtadh. Cuirtear a ainm ar scrolla na laoch: ar an gcliath atá dhá choimeád fé úghdarás an stáit.

scrothaidheacht: *b.2.* crot corpardha; coimpléasc; scabhárd; neart; tathag. Budh láidre go mór é siúd, agus níor bh'iongadh san mar bhí breis den scrothaidheacht ann: déanamh is toirt. Go deó ní thiocfaidh aon scrothaidheacht ann, fanfaidh sé beag meathaluighthe: crot taithigeach, láidir. Tá sé gan scrothaidheacht agus sin é adeir a chuid bídh leis: gan toirt chosamhail chuirp. Sé cuma atá air siúd go bhfuil scrothaidheacht ann: neart is fuinneamh. Tiocfaidh scrothaidheacht ann leis an aimsir: tiocfaidh breis chuirp is nirt do. Is maith é an biadh maith chun scrothaidheachta do chur i nduine: cumas is clódh do chur air. Nuair rugas isteach air ní bhfuaireas aon scrothaidheacht ann: tathag fém theangmháil. Ní fhéadfainn mo lámh do shroichstint chuige, níl san féin de scrothaidheacht ionam: aoirde: eascar cuirp. Scrothaidheacht ar fad an fear san: clódh maith, líomhthacht géag agus neart dá réir sin.

scrothamhail: *a.* acfuinneamh, corp-eascartha, taithigeach, líomhtha, neartmhar. Ní deacair a rádh céaca is scrothamhla d'fhear ní gábhadh ach féachaint ortha: is déanta, is mó agus is líomhtha corp. Buachaill scrothamhail, go bhfuil neart agus fulang: acfuinneach agus déanamh maith líomhtha, córach air. Ní féidir a shéanadh gur fir scrothamhla Éireannaigh: eascartha, taithigeach i gcorp 'si gclódh.

scrúdughadh: *f.* (*-uighthe*) infhiúchadh; féachadh géar, dian, breithniughadh; ceistiughadh; triail, machtnamh, cuardach. Ná tuig go dtaithnigheann sé liom in ao'chor tú bheith ghom scrúdughadh léd dhá shúil chómh géar san: dearcadh cruinn loirgtheach. Tá rud éigin bun os cionn liom ná tuigim in ao'chor, caithfidh dochtúir me do scrúdughadh: siubhal ar mo chorp d'fhéachaint an bhfaigheadh sé aon rud mícheart lém

shláinte. Níor éirigh in ao'chor fén scrúdughadh chun bheith ina mháighistir scoile: ceistiughadh. Cuireadh fé scrúdughadh me agus do theip orm: fiafruigheadh ceisteanna áirighthe dhíom. Scrúdughadh scríobhtha: scrúdughadh ar pháipéar. Níl aon scrúdughadh béil ag baint leis seo: ceisteanna do chur as chainnt amháin. Ní raghadh an cleithire díomhaoin fé scrúdughadh: ní gheóbhadh sé lé ceisteanna do chur air. Ag scrúdughadh gach aon phioc den dtigh féachaint an bhfaigheadh sí ball salach ann: ghá infhiúchadh. É ag féachaint siar chun na farraige ag scrúdughadh na haimsire: ag tabhairt na gcomharthaidhe fé ndeara go géar d'fhéachaint cad é an tátall a bhainfeadh sé asta. Do shíor ag scrúdughadh an léighinn: ag taighde, ag léigheamh is ag breithniughadh go géar lé haghaidh breis tuigseana do shaothrughadh. Chaitheadar an oidhche cois teineadh ag scrúdughadh chreidimh: ghá shuathadh is ghá chur trí chéile. Táim ag scrúdughadh an duine sin im aigne lé fada agus tá sé ag dul díom: ag machtnamh go doimhin ar cad é an saghas é nó cad iad na feádhanna atá fé. Déin scrúdughadh coinnsiais is b'fhéidir go ndéanfá aithrighe: cuarduigh de chionntaibh do choguas. Ní dhéinim aon stad de scrúdughadh na Gaedhealainge: lorg agus taighde. Cuireadh an gunna chun eólgaisighe chun a scrúduighthe: a bhreithnighthe go géar agus go hiomlán chun feasa d'áirighthe d'fhagháil.

scrúduighim: *b.a.* cuarduighim, infhiúchaim, breithnighim, ceistighim; machtnuighim; cuirim tríom aigne. Scrúduigheadh ó thalamh me nuair beireadh isteach im bráighe me, bhí nimh súl gach oifigigh tríom: infhiúchadh: tugadh fé ndeara go cruinn, géar me. Níor scrúduigh an t-aturnae in ao'chor me: níor chuir sé aon cheist orm. Scrúduigh an breitheamh me ó bhonn bathas sar ar oscail sé a bhéal chun breithe do thabhairt orm: d'fhéach sé go cruinn géar orm: thóg sé mo thuise lé n-a shúil. Scrúduigheadh na leabhartha ó cheann ceann ina dhiaidh is ní bhfuairtheas oiread agus dearmhad ionta: cuarduigheadh go dian iad. Scrúduigh rómhat sara dtógair céim: breithnigh go géar. Scrúduigheadar an cósta go léir ón aer: bhreithnigheadar go cruinn é lé haghaidh cúrsaidhe áirighthe. Scrúduigheann sé a choinnsias maidean agus tráthnóna: suadhann sé ina aigne a ghníomhartha. Scrúduigh na nidhthe seo anois duit féin: machtnuigh go doimhin ortha is féach cad é an tátall a bhainfeá asta.

scrúduighthe: *a.r.* cuarduighthe, breithnighthe, ceistighthe, infhiúchta, tugtha fé ndeara. Tá mo chuid éadaigh scrúduighthe go maith agat, an bhfuil aon rud lé fiafraighe agat díom féin?: tugtha fé ndeara: féachta agus measálta go cruinn, géar. Is minic scrúduighthe é, is níor theip fós riamh air: trialálta: ceistighthe: tástálta. Mo thuairm nách féidir an doras san d'oscailt gan an chómhla do bhriseadh, tá sé scrúduighthe go maith: féachta, tástálta i dtreó an mbeadh aon dul air. Tar éis an leabhair do bheith scrúduighthe aige bhuail uaidh is dubhairt ná raibh aon locht fachta aige air: breithnighthe, cuarduighthe lé haghaidh locht. Páipéar scrúduighthe: go bhfuil gabhtha tríthe d'fhéachaint an raibh na freagraidhe ceart.

scrúduightheach: *a.* cuarduightheach, fiosrach, ceistightheach, géar, tástálach. Táir ró-scrúduightheach ar fad, d'fhéadfá do shúil do luighe ar mhórán rud: ró-ghéar ar lorg locht. Ná bí chómh scrúduightheach air ar cad a bhí aige: chómh fiosrach, fiafruightheach. Tá beart scrúduightheach go maith rómham anois, cuirfidh sí trím ughamachaibh me: a thástálfaidh mo neart nó m'eólas. Ná hiarr ina dhiaidh, má dubhairt

súd tá an scéal fíor, fear scrúduightheach é siúd ná leigeann puinn tharais: géar: cruinn-bhreithnightheach. Éirigh as mar chogadh, is deacair léigheamh air, tá sé scrúduightheach go maith agaibh: suaidhte, curtha trí chéile: ciarlálta ó gach treó.

scrúduightheóir: *b.3.* cuarduightheóir, ceistightheóir. Ní bhfuair na scrúduightheóiridhe aon rud ar mí-ghléas ina dhiaidh: lucht féachta: cuarduightheóiridhe. Scrúduightheóir maith ar an aimsir seadh é, is annamh bhíonn a bhreith amudha: fear go bhfuil eolas maith aige uirthi dréir a cómharthaidhe. Scrúduightheóir scoile: duine gur b'é a chúram go dtugtar teagasc dréir an chláir, is go mbíonn gach aonnidh riachtanach ar deagh-riar. Nuair thárlaidh an tionóisc mhór sa mhuileann armála cuireadh scrúduightheóir ann chun a fhagháil amach cad budh bhun leis: loirgtheóir eólais.

scrúdughchán: *f.1.* breithniughadh, infhiúchadh, trácht do dhéanamh air. Ní maith bheith ag déanamh a thuilleadh scrúdughcháin air mar scéal, ní thabharfadh éinne tor orainn: trácht fada: dul doimhin air. Bíonn sé, agus ní cóir do é, ag scrúdughchán orm gach aon lá: ag trácht orm: ag tagairt dom féin is dom churaimidhibh: suainseán.

scrúile: *f.4.* duine aosta gan puinn tairbhe; duine aindeis, neamh-chruinn. Ina scrúile caithte annsúd sa bhaile is a chuid branair gan déanamh: gan tapa ná fonn air chun aon nidh. D'fhágadar ina scrúile mharbh nuair bhíodar sásta ó bheith ag gabháil air: duine aindeis, gan ann corruighe. Ná bíodh éinne ag braith ar an té atá ina scrúile chríon anois: seanóir gan tairbhe.

scruitín: *f.4.* duine nó ainmhidhe caithte, croithte, seang. Glan as mo radharc, a scruitín ní bheinn ag féachaint ort ag cur chun gnótha: rud seirgthe. Ní mór, agus ní lán-mhór, an fulang fuachta atá sa scruitín mná atá agam-sa, níl spiota fiadha anáirde ar a cnámhaibh: bean sheang, chaol, lom. Dheara, mhuise, tá sé ina scruitín is ní hiongadh dho san, is iomdha lá is oidhche aige: ina dhuine dhearóil, chaithte. Scruitín ba, leathfaidh fuacht an lae indiu iad: ba tanaidhe, bochta. Cé leis an scruitín madra san? an bhfaigheann sé faic lé n-itheadh ó éinne?: gadhar lom, seirgthe.

scrupall: (**scropall**) *f.1.* mairg, bráig, col, truagh, motháilt, amhras, groga, cos istigh is cos amuigh i dtaobh gnímh, tuairme, etc., de bharr a dheacracht cad is ceart do dhéanamh dréir cad is ceart, riachtanach nó oireamhnach; daonnacht; taise. Ní bheadh aon scrupall air duine do mharbhadh, tá sé ina dhroichghéag chómh mór san: ní chuimhneóchadh sé an dara huair air: ní chuirfeadh sé aon mhairg air. Duine gan aon scrupall a bhuailfeadh leanbh beag: gan daonnacht, gan mhotháilt. Níl aon scrupall ina chroidhe d'éinne: truagh ná taise: níor mhairg leis luighe trom ortha. Bíodh scrupall ionat, ná déin a leithéid: motháilt dhaonna. Ní leigfeadh scrupall dom an oiread san airgid do lorg ar earra ná fuil ró-mhaith: mo choguas. Bíodh scrupall agat do dhuine, ná bí chómh dian san: tuigsint agus taise. Cuireann sé scrupall ar mo chroidhe istigh an oiread talmhan bréagh do bheith ag imtheacht bán gan curadóireacht: mairg: brón. Bhíodar ag gabháil gan scrupall ar an aindeiseóir: dá mhéid a éigh sé ortha gan é do mharbhadh is ag éirghe ortha do bhí: gan a luighead truaigh ná mothálta dá aiste. Is mór an scrupall go deó aos ná caitheamh do theacht ar fhear chómh fial, deaghchroidheach leis: truagh na dtruagh is é é. Is ró-mhór an scrupall a bhás: dochar mór. Ní haon scrupall thu, dubhradh leat go mion agus go minic

aire do thabhairt duit féin: ní naoidhe truaighe thu. Ní thagann scrupall air aon nidh, dá olcas é, do dhéanamh: ní ghoilleann sé air: ní mairg ar a choinnsias é. Bíonn scrupall dos na bochtaibh aige: truagh agus géilleadh agus carthanacht. Scrupall seadh éinne a ghníos a dhíth féin trí neamh-thuigsint: truagh. Bheadh scrupall ar éinne scaramhaint lé hainmhidhe chómh breágh leis: col: gheóbhadh sé tríd: i gcoinne an ghráinne dhéanfadh é.

scrupallach: (**scropallach**) *a.* cómbáidheach, truaighmhéileach, daonna, cáiréiseach, grogach. Nách scrupallach ataoi an scian do thabhairt ar an dtéid: nách mór an cháiréis atá agat di. Duine scrupallach seadh é nár mhaith leis an ceann trom ar neach: truaighmhéileach. Bíonn sé an-scrupallach maidir lé héadach: cáiréiseach, aireach. Budh cheart do dhaoinibh bheith scrupallach ar mhórán earraidhe anois toisc a ngainne: aireach, cúramach. Bíonn sí an-scrupallach i dtaobh an tómhais, b'fhearr léi an ceann do sciobadh dhi 'ná éinne bheith siar aice: díreach: macánta: ionraic. Bír ró-neamh-scrupallach ar gach aon nidh is leat féin: dian: neamh-aireach: neamhshuimeamhail. Bí scrupallach, ná buail, goirteóchair: bí cómbáideach: coinnsiasach. Ag dul i neamh-scrupallaighe atá na tíortha cómhraic ar a chéile: i ndéine agus i neamh-thruaighmhéilighe. Ní bhrisfidh súd a chroidhe lé hobair, tá sé i bhfad ró-scrupallach air féin: truagh dá chorp aige: cúramach.

scrupallacht: (**scropallacht**) *b.3.* cómbáidheacht, truaighmhéileacht, daonnacht, cáiréiseacht, mothúltacht. Tháinig scrupallacht orm leis nuair chonnac an droich-dhriuch a bhí air dá mhéid a bhí déanta aige im choinnibh: do mhúscail maoineachas ionam do. Bíonn a chroidhe chómh cruaidh ná feadair sé cad is scrupallacht ann: taise ná géilleadh: leagadh lé naoidhe na truaighe. Dar lé mórán daoine ná bíonn aon scrupallacht i ndochtúiridhibh, gur chuma leo cad é an pian do chuirid ar dhuine: mothúilt dhaonna. Teasbáin scrupallacht éigin dom, caith chugham rud éigin lé n-itheadh: daonnacht: mothúilt go ngoillim ort. Bhíodh an diabhal féin tamall air ach tá sé ag dul i scrupallacht: breis dhaonnachta ann.

scruta: *f.4.* duine táir, salach, clamhach. Ná teangmhuigh liom, a scruta níl meas madra agam ort, féach na mí-ghníomhartha atá déanta agat. Ó mhullach cinn tá sé ina scruta lán de ghearbaibh: duine clamhach. Scruta diabhail a leigfeadh é féin chun báis níos túisce 'ná chaithfeadh sé pinginn air féin: rud suarach, táir. Seachnóchad cuideachta an duine sin, má fhéadaim, an scruta, bheadh sé ag tnúth leat ar gach cor go dtí ambáireach: sprionnlóir sainnteamhail. Cad imthigh air go ndeárna scruta ar fad de, buachaill a bhí chómh galánta, oscailte tamall: rud cruinn: cníopaire. Tá sé imthigthe as an éadach, tá scruta ar fad déanta dhe, ní mor go n-aithneóchainn é: rud caithte, lom.

scrutach: *a.* táir, salach, clamhach, suarach, sprionnlaithe, clamhach. Rud scrutach seadh é ná bíonn aon lag air ach ag faire féachaint cad é an scéal a bheadh aige ar a chómharsain: táir: gan mheas air féin. Cianóg ní scarfadh leis ar aonach ná i gcuideachtain, é féin 'sa chroidhe scrutach: cumhang: sprionnlaithe: cníopach. Léan air, ná bodhar me leis féin ná lé n-a chuid airgid, ní fheaca riamh air ach cuma scrutach, gur dhóigh leat go raibh an t-ocras gabhtha tríd: cuma na déirce. Maran scrutach a shín sé chugat é mar thobac, ar a bhás ná raibh sé!: sprionnlaithe: giobtha, sciotuighthe. Ní

bheadh an madra scrutach san sa tigh agam ar ór na cruinne, tá screamh ghearbh air ó chluais go hearball: rud clamhach. Táir ghod thochas féin, a bhuachaill, tá an galar scrutach ort: gríos.

scrutaidheacht: *b.3.* clamhacht, suaraidheacht, gainne, neamhfhlúirse, sprionnlaitheacht. An saoghal mór ní bhainfeadh an scrutaidheacht amach as a croidhe, ar son a hanama ní scarfadh sí lé feóirling: sprionnlaitheacht. Níor scar an scrutaidheacht riamh leó, bíd ghá dtochas féin moch, mall: clamhacht, salachar agus gríos. Dá mbeadh sé istigh i muileann na meilte ní imtheóchadh an scrutaidheacht as: an loime. Riamh ní fheaca thu ach an scrutaidheacht ag baint leat, an mbíonn do dhóthain d'aonnidh agat: gannchar is ceal.

scuab: *b.2.* gléas scuabtha, scriosta nó sciorrtha déanta de bheartán fraoch, craoibhe is ceangailte ar fheac, nó guairidhe ceangailte i mblúire adhmaid nó i gcois eile. "An scuab nuadh is fearr do scuabann tigh": an rud nuadh an rud: ar dtúis taidhbhsigheann gach aon rud ar fheabhas go dtí go mbíonn tástáil air. Earball ina scuaibibh siar síos leis: trom, slaodach. Fear na scuaibe: an fear ins an ngealaigh. Chuaidh sé de scuaib ann: den iarracht san: gan stad. D'iompuigh sé de scuaib chun dul abhaile: de gheit: de chor obann. Scuab bróg, fiacal, etc. Seán na scuaibe: mangaire scuab: duine ná bíonn puinn speilpe air. Cuimil an scuab ded chuid éadaigh, tá smúit air. Cá bhfuil mo scuab bheárrtha: an scuab chun na galbhúnaighe do chuimilt isteach ameasc na féasóige. Tugadh an scuab do n-a raibh de chléireachaibh sa tsiopa: glanadh amach an uile dhuine dhíobh. "Cá bhfaghainn-se mo ghrádh ach ar cheann cláir is í ag imirt ar scuaib": cluiche cártaidhe go dtógfadh gach cúig roinnt den airgead.

scuab-: *i gcfbh.* slaodach, fairsing, scópamhail. Táir ró-scuab-aighneasach, déinir tagairt don iomad rud in aonfheacht: seachránach. Bó scuab-adharcach: go mbíonn adharca fada uirthi is a mbarra i bhfad ó chéile. Na scuab-bhuillidhe a thugadar don namhaid i ngach ball dár thángadar treasna ortha, scriosadar airm is thógadar a liacht bráighe: buillidhe troma, fairsinge. Táir ró-scuab-bhriathrach, níl aon deallramh leat, deirir rudaidhe ná fuil aon bhun agat leó: ró-dhian, ró-fhairsing. Nár scuab-fholtach an cailín í go raibh a dlaoithe síos go hioscadaibh uirthe: gruaig ina slaodaibh. Ceann scuab-dhlaoitheach uirthi: folt chómh muirearach san go raibh sé ar sileadh léi. Fear scuab-ghéagach, shínfeadh sé go cearchail duit iad: searadh iontach aca. Capall chómh scuab-reathach is chuaidh ar chúrsa ráis riamh: go raibh scóp is fuinneamh siubhail ann. Lé scuab-líon a tógtar imléid: líon mór a cuirtear ina lúib nó ina bhoghaisín ortha. Lá scuab-ghaothach go raibh tiormughadh maith ann: gaoth mhaith, láidir ag séideadh. Do bhuail aicíd scuab-mhillteach an ceanntar nár fhág tigh gan ruathar do thabhairt: a bhí an-olc, an-choitcheann.

scuabach: *a.* fairsing, slaodach, flúirseach; fuinneamhail, cruaidh, garbh, fiadhain. Is air siúd ná fuil bacaighe ná leisce, is é atá ag cur de go scuabach: go mear, fuadrach. Chuir sé chun oibre go scuabach: go fonnmhar. Rámhaidheacht bhreágh, scuabach, go bhfuil cur chun cinn innte: líomhtha, fuinneamhail. Lá scuabach adtuaidh: go raibh gaoth láidir, fhuinneamhail. Speal scuabach i mbun oibre seadh é: go bhfuil faobhar uirthi is a scriosadh bainte innte. Buillidhe breághtha, scuabacha is fearr i rámhaidheacht: fada, righin, scópamhail. Lá scuabach, ceathach adtuaidh: gaoth láidir ann is báisteach ar

aitreamhaibh. Earball scuabach ar bhramach ina stroill go talamh: fada, slaodach. Ní mór an mhairg aige lá oibre nó turus fada coisidheachta, fear scuabach mar é: fuinneamhail, bríoghmhar. Tonnaidheacha móra scuabacha ag teacht aníos go port is ag sughadh amach ina sruthlam: ag gluaiseacht go mear, ruatharach. Líon scuabach: go mbíonn faid mhór is aoirde is bolg aige. Tá an lámh scuabach aige dá bhfaigheadh sé an chao: fuaduightheach: bhradach. "Is cosamhail an duine bocht sháruigheas an bochtán an fhearthuinn scuabach nách bhfágann beatha ar bith ina diaidh" (Seanráidhte XXVIII. 3): mear-fhairsing-ghníomhach.

scuabachán: *f.1.* drabhfhuigheall lé scuabadh. Bailightear scuabachán na sráideann isteach i ngluais-thrucaillibh is árduighthear go buaile ar imeall na cathrach é: an trufais: smúit, salachar, easair, etc. Scuabachán an úrláir: an méid smúite is rud a baintear de. An scuabachán atá i ndiaidh an tsiúinéara: an scughachán adhmaid, min adhmaid, etc.

scuabadh: *f.* (*-btha*) ruathar, snapadh, sciobadh, gluaiseacht mhear, iarracht fhairsing, fuadach; bradaidheacht. Féach ar an gcapall san ag rás, tá scuabadh ann: tá sé ann mórán talmhan do chur de ar gach iarracht reatha. M'anam í mar bhád tá scuabadh innte: siubhal is líomhthacht gluaiseachta. Ar a bhfuil de thalamh curtha fé n-a smacht aca ina ghiorracht aimsire, tá scuabadh san arm atá aca: gníomh éachtach a scriosas gach aon rud roimis amach. Tuile san abhainn is scuabadh aice: siubhal mór a árdóchadh leis gach rud ina bhealach. Lé scuabadh dá earball treasna a shliasta ruaig sé a raibh de chuileannaibh ghá chiapadh: buille fada, fairsing. Dhá lá a mhair an té sa tsiopa, budh mhór an dúil é, is budh mhór an scuabadh é: an snapadh: an t-árdach mear chun siubhail. Nuair thiocfaidh an plúr bán airís, "gheóbhaidh sé scuabadh" ars an fear: scriosadh chun siubhail ós na daoinibh. Dheineadar ionradh ós chionn míle míle i leathchéad lá, b'áidhbhéil an scuabadh é: an ruathar gluaiste. Fuaireas scuabadh, níor fágadh pinginn im cheirt: dealbhuigheadh ar fad me. Budh ghéar, láidir é an sionnach ag scuabadh leis ón gconairt: ag greadadh leis chómh lúthmhar agus bhí ina chosaibh. Budh bheag aige aon rud a bheadh ar bóiléagar do scuabadh leis: do shnapadh, do sciobadh i nganfhios. Is annamh lá den mbliadhain ná go mbíonn scuabadh gaoithe treasna an mháma: siolla láidir ag gluaiseacht. Capall ráis, gluaisteán, bád, etc. go mbeadh cuma líomhtha ortha, déarfaí, "tá scuabadh ionta": scriosadh: gluaiseacht mhear: gníomh tapaidh, maith. Bí ag scuabadh leat anois faid bheir glan: ag cur díot chómh mear in Éirinn agus tá ar do chumas. Caithfir tú féin do mhothalughadh, sin é gach éinne ag scuabadh thart: ag dul chun cinn ort. Ag scuabadh an úrláir: ag bailiughadh smúite, salachair, etc., dhe. Chuaidh an t-airgead amudha san scuabadh: an trufais do bhailigheadh. Lucht scuabtha na sráide: na daoine a bhailigheas an salachair di. Ag scuabadh na farraige de phléasclachaibh seadh bhíonn an long san: ghá gcuardach go fairising is ghá mbailiughadh. An piscín ag scuabadh a earbaill dem aghaidh: ag tabhairt cuimilt fhada dhe dhi. Fuair an ceanntar scuabadh ceart de stoc, níor fágadh beithidheach ann gan ceannach: glanadh. Thug an fharraige scuabadh maith don luing ach mar sin féin níor bháthaidh sí í: do ghluais sí go tréan. Ag scuabadh na dtéad lé méaraibh ceóil: gluaiseacht mhear, ghrod. Mo hata dhá scuabadh ag an ngaoith: dhá árdach lé luas dem cheann. Me dhom scuabadh síos an tsráid dem aindeóin ag an sluagh: ghom ghluaiseacht. Iad dhá scuabadh ag an mbás go luath ina saoghal: dhá dtógaint leis aige gan chosc air. Ag scuabadh na gcloch atá in ár slighe: dhá dtógaint as. Is gleóidhte an scuabadh atá ag an gcasóig sin: cor líomhtha, fada, maiseamhail innte.

scuabadóir: *f.3.* fear bailighthe lé scuaib; duine nó rud a scuabas. Mar scuabadóir ní féidir an ball do chur ar an mbás: gníomhaidhe a bhailigheas leis go fairsing is go grod: sciobthóir. Scuabadóiridhe na sráideann: iad so a bhailigheas salachar, smúit is easair. Scuabadóir pléasclach: long a bhailigheas pléasclaigh as an slighe. Níl ionam sa tigh úd ach scuabdóir teinteáin: duine go mbíonn gach cúram is suaraighe 'ná a chéile air.

scuabaim: *b.a. 7 n-a.* cuimlim scuab de rud chun salachair d'aistriughadh, sciobaim, tugaim iarracht mhór fhairsing, glanaim go fóirleathanadamhail. Scuab thu féin (do chuid éadaigh), tá mórán smúite ort: cuimil scuab díot. An t-úrlár ná scuabtar bíonn salach: ná cuimiltear scuab nó glantóir éigin de. Go luath ina shaoghal do scuab an bás leis (chun siubhail) é: d'árduigh leis é go grod: lé fuinneamh. Scuab as mo radharc: imthigh go mear. Scuab leat anois, tá do chion fachta agat: bailibh (bailigh) leat: imthigh lé luas. An í an ghaoth do scuab do hata díot: d'árduigh léi é lé fóirneart. Scuab an uain den gcarraig me: d'árduigh léi me dem aindeóin. Scuab na daoine leó thar lear, an méid aca d'fhéad é, leis an ocras: d'imthigheadar chómh mear agus b'fhéidir leo. Nuair fuair sé mo dhrom leis scuab sé ar fhéad sé a lámh do chur air: sciob go luath, mear. Is beag an raic do stadann annso, scuabann na taoididhe láidre leó í: bailighid leó agus siubhal fútha. D'fhágas amuigh mo ghluaisteán thar oidhche agus scuabadh í: árduigheadh chun siubhail í. Scuabadh gach éinne béal a dhorais féin .i. tugadh sé aire dá chúram féin. Scuab an cárta úd an bórd: d'árduigh leis gach cárta do caitheadh air. Níor scuab an capall gach rás an lá san: níor bhuaidh. "Do dhéanfa mé, mar an gcéadna, sealbh dhi don bhunnán agus locháin uisce; agus scuabfaidh mé í lé scuaib an léirscris, adeir Tighearna na slógh" (Isaiah XIV. 23): ní fhágfad pioc di ná go bhfiosróchad lé crích. "Agus scuabfaidh an cloichshneachtadh an dídean ón mbréig, agus tuileóchaid uisce in áit fholuighthe" (Isaiah XXVIII. 17): scios-ghlanfaidh. Scuab rómhat iad!: ná géill dóibh, ach scrios as an slighe iad. Scuabfadh sé na cosa dhi ón dá alt síos leis an speil an lá úd bhí an oiread san feirge air chúice: theascfadh: ghearrfadh lé scramhadh dhi. Scuab sé tharm ar nós na gaoithe gan oiread is beannughadh dhom: scrios: ghluais ar séirse. Scuabadar an gort síos: ghluaiseadar go mear, líomhtha. Scuab an madra na caoire anuas leis an gnoc: thiomáin go luath tapaidh ina dtréad. Scuab na fiacla salacha san agat: glan lé scuaib is smearadh iad. Scuab a dhorn de bharra mo shrón: scríob: ghluais lé fuinneamh. Scuab mo bhean a raibh agam uaim: d'árduigh sí léi gan mo chead. Táim chómh dearóil sin go scuabann an ghaoth thríom: gaibheann gan aon chosc uirthi. Ní fhágfá i leathtaoibh as do láimh aon rud san áit ná go scuabfaí: árdófaí an bóthar: fuadófaí. An diabhal go scuabaidh uaim é maran me atá déanta leis: go n-árduighidh uaim é: is mór é m'iomard dá bharr. Scuab na báid fé thuinn an bhóchna ar fad ar thóraidheacht creiche: chuarduigheadar agus sheóladar. Is luath do scuabadh é: d'éag sé. Scuab na baillidhe an talamh: níor fhágadar ainmhidhe air.

scuabaire: *f.4.* duine nó rud a scuabas; gluaisidhe maith duine nó ainmhidhe. Ní raibh aon scuabaire capaill ag dul ar chúrsa an ráis a chuirfeadh an ball air: ainmhidhe a ghluaisfeadh chómh lúthmhar, mear. Scuabaire buacach dob eadh an Liath Macha: capall go raibh siubhal nimhe aige.

scuabán: *f.1.* scuab bheag; scuabadh beag. Tabhair scuabán dod hata: cuimil lé scuaib é.

scuabóg: *b.2.* scuab bheag, punainnín; braon dighe. D'óladh sé a scuabóg an uile lá: a "bhraon". Scuabóga an cuibhreach atá air: é ceangailte ina phunannachaibh suaracha.

scuabtha: *a.r.* creachta, glanta, scriosta lé scuaib, sciobtha, fuaduighthe. Tá t'inghean scuabtha aige uait mara mbír aireach: fuaduighthe: árduighthe leis go foluighthe. Úrlár scuabtha: go mbíonn an salachar bailighthe dhe le scuaib. Gach aon rud glan, scuabtha: feistighthe go slachtmhar. Táim scuabtha agat (cártaidhe): mo mhádh imthighthe ged mhádh. Impireacht Sheáin Bhuidhe scuabtha ón gcloich bhuinn: creachta. Mo phócaidhe scríobtha, scuabtha tar éis an lae: gan aon phinginn fágtha agam. A raibh riamh aige scuabtha chun siubhail ag an ólachán: bailighthe leis. Is minic an fhochais scuabtha ag an bhfarraige: múchta: imthighthe dá druim lé fóirneart. In am agus gur shroicheamair bhí an cuan scuabtha amach aice: é fágtha aice.

scuabthacht: *b.3.* glantacht, scriostacht. Budh thaithneamh leat féachaint ar an gcistinn lé n-a scuabthacht: glantacht is scriostacht. Tá scuabthacht ina chnámhaibh: líomhthacht chun gnímh no gluaiseachta.

scuaibín: *b.4.* scuab bheag. Chuimil an scuaibín den bpeictiúir airís: cuir tuilleadh datha air.

scuain: *b.2.* traen. Ní ruibfir an scuain mara luathighir: ní bheir in am chun beartha uirthi. Scuain lán-deithneasach: ceann ná déineann mórán stad.

scuaine: *b.4.* scata, ál, lucht leanamhna; sraith; sochaid. Scuaine mór daoine ag feitheamh lé dul isteach 'on amharclann: sraith fhada. Scuaine gluaisteán ag feitheamh lé n-a bhfostadh: scata mór fada ina raing. Scaoileadh amach in ár scuaine sinn ó scoil: mar bheadh sochraid. Scuaine géadhanna, lachan: scata dhíobh ina sraith i ndiaidh a chéile. Thóg an bhaintreabhach scuaine clainne ar bheag-fhagháltas, suas lé fiche duine: cuid mhór. Is fada go bhfeicfeá scuainidhe muc ag dul ar aonach mar bhíodh fadó: scataidhe. Scuaine éan: ealta. Bhailigh scuaine buile tímcheall an tsiopa go bagarthach ar lorg aráin: graimisc. Aon eagla in ao'chor níl agam rómhat féin ná roim do scuaine: do lucht leanamhna: cúlaistínidhe. Mo lucht fiach ag scuabadh orm ina scuaine: mar bheadh arm. An flaith is a scuaine ag gabháil trí chorp na cathrach: a bhuidhean, a thascar. An gunna ina scuaine ina diaidh: ina shlaod. Radharc mórtach an scuaine ag gluaiseacht ar muir: luingeas cogaidh. Beidh scuaine go Baile Bhuadáin in onóir Bhulf Teón: gluaiseacht daoine in oirear cheart ag déanamh ómósa dá chuimhne. As gach áird tángthas ina scuainidhibh chun an chruinnighthe: trom-shocaididhe. "Is lachain ina scuaine ar chuan gan ceódh/ an eala ar a bhfuaid/ is í ag gluaiseacht leó": ina sraith ag snámh i ndiaidh a chéile. Scuainidhe capall ag éirghe amach as na stáblaidhibh gach maidean: sraitheanna diaidh ar ndiaidh. Na heitealláin ag gluaiseacht scuaine ar scuaine os chionn caladhphuirt is ghá phléascadh: scata ag teacht i ndiaidh scata.

scudal: (**scodal**) birrdeóg, duine caol, seirgthe. Scudal phrátaidhe: birrdeóg díobh. "Ní phósfainn", ar sise, "an scudal fir sin dá mbeadh Cúige Mumhan ina mhaoin shaoghalta

aige": duine caol neamh-chúmtha. Níl aon phreab ná anam ann ach an oiread lé scudal .i. bog.

scuib: *b.2.* fogha, buille lé haon tsaghas airm, iarracht; scramhadh, splannc, pléasc; ádhbhar. Caith siar ionat scuib den arán so: ith blúire dhe. Scuib bheag feóla atá uaim: ruaine beag. Tabhair scuib fé seo: tabhair iarracht fé. Thug an seabhac scuib dá ghob fén éan: fogha. Dhein an púdar scuib nuair phléasc sé: splannc.

seabhac: *f.1.* éan d'aicme an fhiolair go ngob casta géar, is gathaidhe fada géara ar a chrobhannaibh; laoch, gaiscidheach, curadh, míleadh. Seabhac gaoithe (bod gaoithe), buidhe: é siúd gur féidir fanacht gan corruighe san aer. Seabhac gorm: seabhac seilge. "Ar meisce níor bh'annamh gach seabhac de rás na nGaedheal/ 's gur lé meisce is lé ragairne chaitheadar bláth a saoghail": gach tréan-fhear. Do thriall na seabhaic thar lear: na trodairidhe. Tá cuma fhiadhain air, tá súil an tseabhaic istigh ina cheann: súil dhaibhceach: súil go bhfuil seasamh innte. Is leis an seabhac do shicínidhe mara bhféachair ina ndiaidh: árdóchaidh leis iad. Mo chómhairle dhuit gan dul chun cinn leis siúd dhéanfadh sé greamanna seabhaic díot: stracfadh as a chéile thu. Chuir sé scaipeadh na mion-éan ortha mar dhéanfadh seabhac Lá Márta: teicheadh, is scannradh. "An léd ghliocas eiteallas an seabhac agus shíneas sé a sciatháin don dtaobh ó dheas" (Iob XXXIX. 26). "An tulcabhchan, an áinleóg, agus an chuach, agus an seabhac dréir a chinéil" (Deut. XIV. 15). "Do gheóbhair ar dtúis an t-ubhall id dhóid/ do bhí ag an dtriúr i gclúid it chómhair/ iolar sléibhe, caol-cruit ceóil/ is seabhac na seilge ó Sceilg na seól": seabhac oilte chun creiche. Chidhfeadh sé ar nós an tseabhaic: radharc an-ghéar aige. Thug sé fogha seabhaic fé: fogha scuabach, sanntamhail.

seabharóg: *b.2.* iasc beag cron-dhearg a gheibhtear i luigheachaibh trágha. Ní raibh oiread seabharóige in aon mhaircréal etc. aca: iasc an-mhion ar fad.

seabhcamhail: *a.* ar nós an tseabhaic; láidir; daibhceach. An tsúil sheabhcamhail a bhíos ag fear na farraige: cuma ghéar, dhaibhceach uirthi. "Créad nách diothruagh an fhíon-ghruadh uain-gheal/ 'sa dá reamhar-shúil seabhcamhail snuadh-ghlas,/ a dá mhaol-ghlúin aolamhail fhuar-ghlan/ 'sa dá thirim-throigh silte 'san tuama": súile beódha, meara. Thug sé fogha seabhcamhail fúm, is dá ngreamuigheadh me do dhéanfadh mo dhíth: fogha fíochmhar, nimhneach. Tugaid sciúirdeanna seabhcamhla go minic isteach i gcuantaibh chun luingis d'ionsaidhe: sciúirdeanna dána, fíochmhara.

seabhóid: *b.2.* fastaoim; díthcéille; fonmhód, seódh, gleáchas, rud gan éifeacht. Aon leigheas ní raibh againn air gur éirigh faic do, ní rabhamair ach ag seabhóid: ag déanamh seóidh: ag déanamh gleáchais: mar mhagadh. Ná cuir aon tsuim ann, níl aige ach seabhóid chainnte: cainnt mhagaidh: níl sé i ndáiríribh. Seabhóid seadh bheith ag cur bláth ró-luath in aimsir fhuar: fastaoim: cúrsa gan deallramh. Seabhóid scine seadh í, cad air gur maith í?: scian gan tairbhe.

seabhóideach: *a.* seachránach, fastaomach, díthcéille, fonmhódach, magach, neamh-éifeachtach. Cainnt sheabhóideach í sin, níl aon bhaint in ao'chor aice leis an gcúrsa atá i dtreis: cainnt gan éifeacht. Cailín ró-sheabhóideach tímcheall a cuid léighin seadh í, ní

dhéanfaidh sí aonnidh cóir choidhche: giofaire cailín: ní bhíonn an tsuim a oirfeadh di aice. An duine seabhóideach is dóigh leis gur ar na crannaibh a fhásfaidh a bheatha chuige: aimideach: a ghlacas an saoghal ró-bhog ró-neamhshuimeamhail. “Is é an saoghal seabhóideach é”, ars an tsean-bhean, “iad féin ’sa síodaidhe ’sa gcruan béil”: ait: éagconnta: guagach. Níl ionam solas do choimeád dod chuid cainnte, ní fheadar go cruinn cad tá dhá radh agat, táir ró-sheabhóideach: seachránach.

seabhóideach: *f.1.* duine seachmallach, éagconnta. Ní chuirfeadh éinne ina chéill cheart suim i seabhóideach mar é sin, gur cuma leis cad thagann chun a bhéil: duine ná labhrann lé stuidéar. Ní seabhóideach é siúd agat, an rud a déarfadh sé dhéanfadh ar thap an tairnge: duine gan fuaimeant focail leis.

seabhóideacht: *b.3.* éagconntacht, aiteas, seachmallacht, aimideacht, scléip. Is cruaidh, duairc an croidhe ná beadh seabhóideacht éigin ann: fonn aitis: fonn grinn is suilt. Anois, go bhfuil sí imthighthe ó fhoithin a máthar, caithfidh sí cuid den seabhóideacht do chur uaithi: den éagconntacht: neamhspéis sa tsaoghal. Seabhóideacht d’éinne a chuid do chaitheamh is bheith bocht ina dhiaidh: aimideacht. An té a bhíos ag obair is a dhá cheann i gcré ó scur leigeant ní mór do seabhóideacht éigin anois airís: aiteas beag: rud éigin ná beadh puinn fuaimeanta leis ach go mbainfí sult as.

seabhráil: *b.3.* iascach gluaiste cois cloiche lé daragha. Téighimís ag seabhráil phallóg: ghá n-iascach lé bád feadh fhalla na farraige. Iasc seabhrála .i. a marbhuightear ar an gcuma so.

seabhrálaidhe: *f.4.* iascaire lé daradha a tairngtear i ndiaidh báid.

seabhrán: *f.1.* méabhán; glór mar dhéanfadh uisce te; usmairt; aimid. Déin an té, tá seabhrán ag an gciteal so: usmairt: glór: siosaireacht trí n-a scrogall. Buaileadh i gcródh an chinn me, ná feadar cá rabhas, ná faic ach an seabhrán go léir a bhí im cheann: glórghail: siosarnach. An dóigh leat gurb é a leithéid de sheabhrán atá agat is go bhfoidhneóchad d’éinne pé tuairm is mian leis do bheith aige orm. Ní haon tseabhrán é sin agat, pé clódh a chidhir-se air. Ná tabhair breith ar an leabhar go n-osclair é: ceann cipín.

seabhsán: *f.1.* cnáimhseán, cáiseamh, cníopaireacht. Saoghaluigheadh an seabhsán leis, dá mbeifí ghá chur ó bhais go bais ní bheadh sé sásta: cnáimhseán: gearán go raibh buinneach nó bainn-leac éigin air. Táir ag seabhsán anois nuair chidhir an ball dhá chur ort, ní rabhais mar sin nuair bhí an lámh uachtair agat: ag cníopaireacht: mar bheadh duine ar lorg trócaire. Budh dhóigh lé duine ar do chuid cainnte gur ag dul a chodladh in ocras do bhís ar an seabhsán atá agat: an t-eagla go mbeadh mór-easbhaidh air agus ná raibh faic roimis amach ach brón is dealbhas.

seach: *f.1.* uain, tamall, seal, cantam uaire. Ní ólaim toitínidhe ach uair má seach: ar uairibh fánacha. Turus má seach a thugann sé ortha anois, ní fuláir nó is amhlaidh nár réidhtigheadar: fo-thurus: go neamh-ghnáthach: ar aitreamhaibh fhánacha. Dhein gach nduine aca a chion fá seach: ar a uain. Shuidh sé is a chosa má seach aige os chómhair na

teineadh: treasna ar a chéile. Seachain tú féin, tá gach aon rud fá seach rómhat: tóin thar ceann. Cad n-a thaobh an biorán bheith iompuighthe má seach agat?: iompuighthe ar malairt treo. Dubhart leis an réal iompódh má seach ar an mbórd: an taobh síos suas. Ag itheadh 'sag codladh má seach, sin mar tá ag an scraiste sin: gach ré tamall aige mar sin. Bain seach as an bpíp, ach ná bain puinn, "ná déin bolg" uirthi: gal nó dho. Bhíos ar a dtoil féin aca, gach re seach aca agam orm: a uain féin ge gach nduine aca. Leig dom-sa seach do bhaint as anois, táir-se cortha ó bheith ag gabháil de: leig dom uanaidheacht do dhéanamh ort.

seach: *réamh-fhocal leis an áinsidhe* tar, maidir lé, i gcómhnáird lé, roim, breis is, níos fearr, gan bac lé. Cad fáth an mhilleán go léir, ná déineann daoine seachas tusa botúin: nách tusa: maidir leat-sa. Daoine ann go dtéadhamhófá leo gan mhoill seachas a chéile: thar a chéile. Ná raibh daoine eile láithreach seachat-sa, chun bheith ag cur an ghnímh id leith-se: daoine nách thu: maidir leat. Thabharfainn tosach do i gcómhnaidhe seachas neach eile: i bhfad 'si bhfad roim dhuine eile ar bith. Seachas an t-airgead do bheith aige tá fonn a chaithte air: i dteannta an airgid, etc. Nách iomdha rud ar an saoghal seach airgead: gan bac leis: ar leithrigh ó. Seach budh óg an buachaill budh láidir: i dteannta é do bheith. Seach é bheith ina bhitheamhnach bhreágh, shlachtmhar ní fheaca aon chrot eile fir air: ar an dtaobh amuigh dhe san. Seach é bheith fliuch tá sé fuar: i dteannta, etc. Leig seachat é má ghlacair mo chómhairle-se, ní haon deagh-ghéag é: leig thart: ná bac do. Seachas me féin is fíor é nár chuir neach aon lámh ann: ar an dtaobh amuigh díom. Seachas a chos a bheith briste seabhóid an chuid eile: ar leithrigh ón méid sin. Déanfam seachaibh: gan sibh. Nách breágh galánta an rud bheith tirim seachas bheith ag ól: nách inmhianta é. Dá mbeitheá-sa ann seacham is dócha go ndéanfá an diabhal 'sa mháthair: im ionad-sa dhéanfá na héachta. Nuair thuit an scailp cheóidh orainn amuigh ar bholg na farraige níor bh'eól dúinn soir seachas (seochas, siochas) siar: cá treó go raibh treó. Ná leig seach láimh an scéal: ná leig do fuaradh. An fearr leat uibhe seachas feóil?: roim. An dtógfá beathuisce seachas leann dubh?: an dtabharfá tosach do? Nílir seach is (mar) budh cheart duit do bheith: nílir ar fóghnamh in ao'chor. Fiafruigh an cladhaire, tá sé seach mar budh cheart é do bheith: i bhfad is i bhfad níos fearr .i. níl sé tuillte aige in ao'chor do bheith chómh maith. Daoine seachas a chéile go mbíonn croidhe mór aca: thar a chéile. Ar do chluais ná leig seachat é: thart.

seach-: *r.mh.* ar leithrigh, i leathtaoibh, mion-, thar. Seach-aighneas éigin ar siubhal ag an mbeirt aca nár thuigeas in ao'chor: cainnt i leath-taoibh. Ní bóthar rianta atá ag dul chun mo thighe in ao'chor ach seach-bhóthar: fo-bhóthar: taobh-bhóthar: mion-bhóthar. Ná bí ag tabhairt seach-ainmeacha orm-sa, glaoidh as m'ainm is as mo shloinne orm: leas-ainmeacha. Níl ach seach-áiteanna sa cheanntar chéadna anois go bhfaighfeá Gaedhealaing ann: baill iargcúlta. Cuir uaim an tseach-chainnt seo, labhair amach: labhairt i leathtaoibh. Táim seach-mharbh ag fuacht is anródh: marbh amach. Ar gabháil an cnoc tá seach-ród cómhgair ann: bealach ar leathtaoibh. I nganfhios dá mhnaoi bhí seach-mhuirear air lé mnaoi eile: clann ar leithrigh. Beidh seach-thogha ann de dhruim báis an teachta dála: mion-togha ná bíonn baint aige le togha coitcheann.

seacach: *a.* tugtha do shioc; reódhach, cuisneach. Aimsir chruaidh sheacach gheóbhfá mórán coinínidhe i súilibh ruibe: go mbíonn sioc. Maran seacach na cosa atá agat go

gcaithir bheith leathta anuas ar an dteine: fuar: éagmhar. Bóthar seacach: go mbíonn sioc air.

seacamhail: *a.* tugtha do shioc. Cuma sheacamhail ag teacht thoir air: go ndéanfaidh sé sioc: go reódhfaidh sé. Geimhreadh neamh-sheacamhail: gan puinn seaca.

seachad: *d.bh.* i leathtaoibh, ar leithridh; amudha. Toitínidhe iad san a bhí curtha seachad sa tsiopa, ní lé déidheannaighe thángadar isteach: i leathtaoibh. Shuidheas seachad liom féin ón sluagh ag ól mo dhighe ar mo shuaimhneas: ar leithrigh: gan neach im chuibhreann. Is iomdha bean mhaith do chuir ropairidhe fear seachad: a chuir amudha iad. Nách dóigh leat ná go bhfuilir ag dul seachad? an bhfuil a fhios agat cá bhfuil do thriall?: ag dul amudha: ag imtheacht as t'eólas.

seachadadh: *f.1.* síntiús, bronntanas, aiste. Aon lag ní bhíodh air ach ag tabhairt seachadaidh do mhnaoi nuaidh éigin: bronntanas. An cníopaire sprionnlaithe, budh mhór leis réal mar sheachadadh don bhfreastalaidhe: síntiús: bronntanas airgid ná bíonn ar dhuine do thabhairt uaidh, ach a tugtar i leith fóghnaimh. Níl sé le maoidheamh agam go bhfuaireas puinn seachadadh Nodlag riamh: bronntanas.

seachaint: *b.2.* 7 *3.* cosaint; fanacht ó; aireachtaint ar. Bím ghom sheachaint féin ar an bhfuacht, fanaim istigh uaidh, nó nuair ghaibhim amach bíonn culaithirt mhaith orm: ghom chosaint: d'iarraidh gan a leigeant chugham. Ní fhéadfadh sé an t-ól do sheachaint: do dhiúltadh: fuath do thabhairt do: é do scaoileadh tharais. Ag seachaint an leinbh ar an dteine: ghá fhaire is ghá choimeád gan leigeant do teangmháil léi. Bíonn sé ghá sheachaint féin orm ar an sráid: d'iarraidh gan bualadh umam. Ní gábhadh dho bheith ag seachaint a mhná ar neach, níl sí chómh sciamhach san is go mbeidh éinne d'iarraidh í d'fhuadach uaidh: ag coimeád uirthi. Ní gábhadh d'éinne é féin do sheachaint orm, duine macánta me gan olc ná díomas agam do dhuine ná daon: do chosaint: do ghárdáil. Tá an aicíd seo ar a seachaint ges na daoinibh: ní mór bheith árd-aireach uirthi. An té ná bíonn seachaint aige air féin is conntabharthach do: ná bíonn aireach: ná faireann cad bhíonn dhá dhéanamh aige is cá mbíonn a thriall. Duine gan aon tseachaint aige air féin é nuair labhrann sé: claon lé botún do dhéanamh. Lá seachanta an spóla: an Aoine. Cad tá lé déanamh ag duine? níl aon tseachaint ar an mbás: aon éalódh: aon chao dul uaidh. An tslighe is fearr chun Dé, an t-olc do sheachaint is an mhaith do dhéanamh: fanacht ó n-a chleachtadh. Fógarthar orainn an peaca do sheachaint: fuath do thabhairt do. Tá seachaint ar a banamhlacht aice: cosaint. An tseachaint chéadna ar a shláinte i gcómhnaidhe aige, dá mbuaileadh braon báistighe é budh dhóigh leis go raibh deireadh leis: an aire. Go dtí so, buidheach 'o Dhia, táimíd ag seachaint an chogaidh go maith: ag fanacht uaidh. Fuaireas focal na seachanta: rabhadh go rabhthas ar mo thí. Bí ar do sheachaint: ná tagtar i nganfhios ort: ar aire! Bí ar do sheachaint air: fair tú féin air. B'fheárr d'imreóchadh sé gan oiread seachanta do bheith air: gan é do bheith chómh faitchíosach. Bíonn gach éinne ghá sheachaint féin air, scramaidhe críochnuighthe seadh é: ag teicheadh ó n-a chómhluadar. Orduigheann Dia an aicíd do sheachaint: cosaint a dhéanamh ar na cúiseannaibh is bun léi.

seachanta: *a. n-dh.* ionfhuathuighthe, nách inmhianta coidreamh ná cómhluadar. Tóg mo chómhairle, duine seachanta seadh é, droch-chómhluadar ceart: duine nách misde fanacht as a líon. Aicme sheachanta seadh mná, ní fearrde duine a bhíos leo: gur feárrde gan baint ná conbharsáid do bheith leó. Agus do dhícheall do dhéanamh air duine doi-sheachanta seadh é, bíonn sé do shíor id dhiaidh: nách féidir éalódh uaidh. Is baoghalach i ndeireadh dála go mbeidh an cogadh so doi-sheachanta: nách féidir na cosa do bhreith uaidh. B'fhearr dhuit teicheadh na céadta mílte uaidh, tá féachaint seachanta aige: droch-thuair. Gach aon lá riamh duine seachanta dob eadh é, ní raibh an rath riamh ar neach a bhí ina chómhluadar: duine gur chóir druim láimhe do thabhairt leis.

seachanta: *a.r.* curtha dhe, fanta ó, cosanta. Táim seachanta go maith aige, dá mhéid a dheineas mo dhícheall ar bhualadh uime: fuathuighthe: fanta as mo threó. Duine seachanta anois i ngach bóthar dá ngaibheann sé .i. daoine ag tabhairt fuata dá chómhluadar.

seachantach: *a.* éaluightheach, braithteach, aireach, coimhtheach; neamh-bhotúnach, ion-fhuathuighthe, droch-thuair. Ní thugann sé aon droch-sháthadh dho féin, bíonn sé seachantach: aireach, braithteach sara néann gníomh nó beart. Daoine seachantacha seadh iad ar mhórán slighe, is deacair dlúth-aithne do chur ortha: coimhtheach: neamh-chonbharsáideach. Dá ghlioca agus dá fheabhas do chuir an t-atúrnae roimis eolas do bhaint as an bhfíné do bhí seisean an-sheachantach: cosantach: aireach ar an nidh a déarfadh sé agus an tslighe ina ndéarfadh sé é. Nuair fiafruigheadh de as an gceanntsláine an é a mhairbh an duine, freagra seachantach do thug sé: freagra nár bh'fhéidir an marbhadh do chur ina leith dá bharr. Ní mharbhóchaidh súd é féin lé hobair, bíonn sé sár-sheachantach air féin: aireach: gan d'fhonn air a dhéanamh ach an chuid is lugha. Furmhór na ndaoine níos seachantaighe ar a sláinte nuair bhíd ag dul san aois: níos airighe. Na héanlaithe níos seachantaighe anois ar an ngráinne do phriocadh lé heagla an ghunna: ní bhíonn an oiread fonn ortha dul i dtreis conntabhairte. Silteach, seachantach i dtaobh gach aon rud a chuireann sé roimis do dhéanamh: siléigeach, dochmamhail. Má ólann sé braon féin bíonn sé seachantach air: aireach ná beadh sé ar meisce, nó ná héalóchadh breis air de. D'fhéadfadh duine bheith seachantach ar airgead gan bheith ina airgtheach, scilling do chaitheamh ach a fhios do bheith aige connus: aireach. Dána, seachantach do: gan é dá chur féin thar a riocht.

seachantacht: *b.3.* aireacht, coimhtheacht, braithteacht, neamh-choidreamhas. Ní íosfaidh sé id bheathaidh thu, druid leis, cad fáth an tseachantacht ar fad: an t-imshníomh gan teangmháil leis. Is an-annamh a chidhfeá i gcómhluadar éinne é, tá seachantacht ag baint leis: coimhtheacht: neamhfhonn cuideachtan. Lé seachantacht ná cuirfidís na háthraighe móra chun farraige mara mbeadh dian-ghábhadh ar fad leis: aireachas nó dochma ar eagla go n-éireóchadh aon mhí-sheól dóibh. Níl aon teóra leis an seachantacht: imshníomh roim bhaoghal. Mara mbeadh seachantacht éigin do bheith air chidhfeadh duine éigin in áit éigin é, luath nó mall: fonn neamh-choidrimh.

seachas: *r-fh.* i gcómhnáird lé, tharais, in ionad. Déineann sé ar ár nós go léir a bhotún anois agus airís, seachas san togha duine seadh é: tharais sin. Beidh sméideadh bhacaighe ann, seachas san ní fiú biorán an iarsma bheidh air: tharais sin: ar an dtaobh amuigh de

sin. Tá dhá púnt agam air as an earra san agus seachas an méid sin chúig phúint ó anuiridh: ina theannta san. Bíonn daoine ann gur fusa teacht uatha seachas a chéile: i gcómhnáird lé chéile. Níl san méid atá fachta aige ach neamh-nídh seachas a bhfuil roimis: i gcómhnáird. Is breágh é do shaoghal, suidhte ar do chathaoir i rith an lae seachas mise lasmuigh im chnuig ithearach: 'e bhreis orm-sa: i gcómhnáird liom-sa. An raibh éinne a mhaireas ann seachas thu féin: ach thu féin. Cad tá seachas té an aimsir seo agaibh: i bhfochair: i dteannta. Seachas na cártaidhe a gheibhinn níl ionta so ach srábanna: iad do chur i gcómhnáird leó.

séacla: *f.4.* éiscín sliogánach, faid-earballach, ruainneach; leanbh leice, scológ seanduine. Séacla leinbh dob eadh riamh é, agus sin é adubhairt a chóir leis, ní mór an bainne cích ná bó fuair sé riamh: seang, seirgthe, caithte. Ní clann a bheadh ag an séacla san: seanduine gan bhrigh.

séaclóir: *f.3.* duine stalcuighthe, dearóil, "píopaire sidhe". Cad atá ag cur cuma an tséaclóra air? budh dhóigh leat gur ag déanamh ar a cheithre fichid do bheadh sé: cuma chroithte an tseanduine. D'fhan sí ina séaclóir i rith a saoghail: dearóil, meathaluighthe gan eascar. Dhein an tirimeacht séaclóiridhe des na planndaidhibh, ní tháinig aon chrích ortha: stalca dhíobh: coisc ar fhás iad. Tá gnúis an tséaclóra ag teacht ort: an duine aosta, caithte. Séaclóiridhe ba ná fuair riamh a ndóthain lé n-itheadh budh dhóigh leat: meathalóiridhe.

seachmall: *f.1.* seachrán, aiteas incheann, dearmhad, earráid, amudha, faillighe. Stad anois, tair ar t'aithrianachaibh, táir ag dul ar seachmall ón gcúrsa: ar seachrán, fill! Is fada ar seachmall céille í, ní ghá chasadh léi é, ná tógadh neach aon cheann d'aonnidh a déarfadh sí ná a dhéanfadh sí: ar seachrán: as a réasún ceart. Cuirfir ar seachmall anois é leis an ndo-chómhairle sin: amudha: ar an mbealach mí-cheart. Is iomdha peaca seachmaill ar m'anam, is minic nár thugas dos na bochtaibh seachas mór-chionnta eile: peacaidhe lé faillighe. Long ar seachmall seadh í ar an dtreó atá aice dhá thabhairt uirthe féin: atá ag dul ar seachrán: as a scríb. Óig-bhean ar seachmall óm mhuinntir me: ar fán. Ní bheadh sé ag imtheacht ón dtigh mar sin ar feadh scathaimh go mion agus go minic mara mbeadh seachmall aigne do bheith air: rud éigin mí-cheart ar an inchinn aige. Ná déin seachmall ar an aon rud a oirfeadh duit do rádh: dearmhad.

seachmallach: *a.* manaoiseach, faillightheach, dearmhadach, fánach, taistealach. Ná bí seachmallach féd pheacaidhibh, déin aithrighe ionta: faillightheach, dearmhadach. Leitir fhada, sheachmallach ná raibh puinn bainte aice leis an nidh a bhí i dtreis: leadránach, seachránach. Táim chómh seachmallach san ná féadfainn cuimhneamh cá leagaim aon rud a chuirim tharm: dearmhadach. Ná cuir aon teachtaireacht lé déanamh ar an nduine seachmallach so, ní chuimhneóchadh sé ar rud as so go doras: go mbíonn a aigne is a smaointe ag imtheacht ar seachrán. Focal seachmallach a sceinn uaidh a scéidh ar an mbeart a bhí fé do dhéanamh: rith focail gan aon choinne leis. Leabhartha seachmallacha iad san, ní fheadar cad as gur shíolbhuigh a leath: leabhartha nár ceannuigheadh, as so is as súd ón nduine seo is ón nduine úd. B'fhéidir go dtuillfinn scilling sheachmallach, ach sin é mo dhícheall: ceann indiú is ceann lá éigin eile. Ní bheadh a fhios agat choidhche cad do go mbeadh sé ag tagairt, tá sé comh seachmallach san ina ráidhtibh: fánach.

seachmallach: *f.1.* fánaidhe, taistealaidhe, duine manaoiseach. Dá fhaid siar ann do raghfá gheóbhfá seachmallach ó Éirinn ar measc na coda eile: fánaidhe. Is fada im sheachmallach óm bhaile dúthchais me: im thaistealaidhe gan áird. Is fada Éire ina seachmallach áir ameasc na dtíortha: ina fánaidhe fé bhuaidhreamh. Seachmallach peacaigh seadh me go ndéinidh Dia mór truagh ghom: duine ró-fhaillightheach i dtaobh aithrighe. D'fhiafruigheas den seachmallach a haicme 'sa tír: an bhean a bhí ar fán.

seachmallta: *a.r.* dearmhadta, curtha amudha, ó chrích, as a scríb. Is fada riamh gur thairng éinne chuige anois é i mBéarla ná i nGaedhealaing cúrsa atá seachmallta ges gach duine seadh é: dearmhadta. Táim seachmallta agat anois ar an rud a bhí fúm do dhéanamh: curtha dem bhuille, as mo scríb. Bím ró-sheachmallta chun cuimhneamh ar aonnidh tábhachtach: ró-dhearmhadach.

seachmalltacht: *b.3.* dearmhadtacht, faillightheacht; díth-chuimhne. Déanfar seachmalltacht ar na corthaibh seo leis an aimsir. Téigheann gach aon rud i bhfuaire a thuigeas i bhfaid: raghaidh sé ar ceal cuimhne. "Ar chuimhnighis ar an arán? cuirfead geall nár dheinis, níor fhág an tseachmalltacht riamh thu": an dearmhadtacht is an mhanaois.

seachna: *f.4.* (*-chanta*) cosaint, fanacht ó. Bí ar do sheachna, tá an tigh ag faire ort: ar do chosaint: aireach ná déanfar bráighe dhíot. Ar mo sheachaint ameasc cumar is cnoc: ar mo choimeád: ar éalódh.

seachnach: *a.* seachantach, braithteach, aireach. Bí seachnach ar an bhfarraige indiu, tá an lá go dona: aireach: súil sheabhacamhail agat ná héireóchaidh aon mhísheól duit. Bí seachnach sa doircheacht, áit an-achrannach rómhat: aireach: cúramach cá gcuirir do chos. Iasc seachnach seadh an breac ruadh lá geal: fanann ó aon rud conntabharthach dar leis.

seachnaim: *b.a.* fanaim ó, cosnaim mé féin ar, diúltuighim, éaluighim ó, bím aireach. Seachain thu féin!: tabhair aire dhuit féin. Seachain do chosa orm: tóg as an slighe iad ar eagla me do dhéanamh a ndíoghbhála. Seachain an cailín sin, táim ghá cur féd chúram: tabhair aire mhaith dhi: ná leig díth ná dochar uirthe. Seachain an doras, tá sé i reachtaibh tuiteam dá lúdrachaibh: bí aicillidhe leis. Seachain an doras: tabhair aire dhuit féin air: gaibh thríd i gceart, etc., etc. Seachain an féar glas!: fan de: ná siubhal air. "Seachain na háthanna is ní baoghal duit na fáthanna": an t-uisce is measa dhuit is ní hé an port (na ciumhaiseanna): is ar iarsmaidhibh aonnidh is mó gur cóir a bheith aireach is ní ar na nidhthibh is bun leó. Ná bí ag cainnt ghod bhearradh féin – seachain do chorrán ar an rásúir: bí aireach ná gearrair thu féin. Seachain an droch-dhuine is ní baoghal duit an duine macánta: bí ar t'aire air: fan uaidh: ná leig do an bob do bhualadh ort. Seachnóchad na nidhthe daora, mar ná fuil mo phóca fé dhom: ní bhacfad leo. Seachain me air, táim scannruighthe roimis: cosain me: ná leig do mo dhíobháil do dhéanamh. An té ná seachnann an t-ól bíonn tón gioblach aige: ná fanann: ná bacann tharais é. "Seachain na mná is an t-ól, seachain go deó na bearta so": leig thart iad. Ná seachain is ná hadhain cath: ná hob é: ná fan uaidh má cuirtear ort. Seachnann an tsúil an rud ná feiceann: an rud

ná feicimíd ní thagann sainnt againn chuige. Seachnuigheadh an turus déidheannach in Áth Cliath é: na daoine go raibh aithne nó coidreamh aca air d'fhanadar uaidh: coinghibheadar as a shlighe. Seachnadh gach éinne an scian: ná bíodh aon bhaint léi maidir lé háis goirtighthe do dhéanamh di. Nár sheachnuighidh Dia sinn ar am ár ngábhtair. Seachain an ndéanfaidh sé dhuit é, ná bí ró-dheimhnightheach de: bí ar t'aire ina thaobh: ní móide dho a dhéanamh. "Agus adubhairt sé riú, féachaidh agus seachnaidh sibh ar an tsainnt; óir ní in iomarcuigh an tsaidhbhris atá ag duine atá a bheatha" (Lúcás XII. 15): fanaidh uaithi: ná leigidh di greim do ghlacadh oraibh. Go seachnaidh Dia ar gach olc sinn is go dtreóraidh ar gach leas: go gcosnaidh. Nár sheachnaidh Dia choidhche sinn: nár shéanaidh.

seachrán: *f.1.* seachmall; dul amudha; fán, fánaidheacht; iomrall, mealladh; mearbhall. Beidh oidhche ar (an) seachrán aca: déidheannach ag sroichstint an bhaile. Duine ar seachrán an uile lá: mall ó n-a thigh. Riamh ar an seachrán dom: gan longughadh fúm in aon áit de bhun ná do shíor. Fill ar do sháil, tá seachrán slighe ort: táir ag dul amudha. D'fhág sí a muinntir fadó is tá sí ar seachrán an tsaoghail ó shoin: le fánaidheacht: gan beatha chinnte shocair dhá chaitheamh aice. Ná beireadh aon tseachrán oraibh, bídh thar n-ais go breágh luath: moill agus siléig. Cuireadh seachrán sidhe air sa cheódh, sin é d'imthigh air: chuir na daoine maithe amudha é. Congaibh i gcómhgar do scéil, ná téighir ar seachrán: ná himthigh ó ghoibh do chómhraidh. Níor mór duit bheith ábalta ar an seachrán suidhne do réidhteach chun buadhachtaint ar fhear na lúibe: achrann áidhbhéil. Éirigh as an scéal, tá sé ag dul ar seachrán ort: ag dul san eagar: táir i mearbhall ina thaobh. Déanfar dearmhad air, tá gach aon rud ag dul chun seachráin: ag dul i bhfad is i bhfuaire. Ná tabhair aon tseachrán don leitir: ná moilligh í. Ar mo dhícheall me ag déanamh seachráin ar an bhfreagra, d'fhéachaint an dtiocfadh aon fhóirthint orm: ag cur moille air. An t-iasc ag dul chun seachráin, téighimís abhaile: mall ag breith. An t-earrach ag dul chun seachráin de chionn na droch-aimsire: ag dul i ndéidheannaighe. Níl aon tigh sa pharróiste go mbeireann an oiread seachráin teinteáin ortha: áirneán. "Agus beidh bhur gclann ar seachrán annsa bhfásach so ceathrachad bliadhain, agus íocfaid ar son bhur striapachais nó go leaghaidh bhur gcuirp annsa bhfásach" (Uimh. XIV. 33): ó n-a ndúthaigh agus gan treóir. "Dhoirtigh sé tarcuisne air uachdaránaibh agus do bheir ortha bheith ar seachrán annsa bhfásach mar nách bhfuil slighe": ag triall rómpa gan treóir gan aird. "Do clochadh iad, do gearradh ó chéile iad, do cuireadh cathughadh ortha, do marbhadh ré cloidheamh iad, do bhíodar ar seachrán a nonn 'sa nall i gcroichnibh caorach is gabhar, air mbeith dhóibh i riachtanus, dá mbuaidhreadh agus dá gciapadh" (Eabhraigh XI. 37). Fillfead ort, a Dhia, táim ar seachrán uait: imthighthe ód thréad. Níl ann anois ach ar nós na caorach seachráin: mar an chaora a imthigheas ar fán ó n-a tréad: gan úird. Oiread agus aon tseachrán amháin ní bhfuairtheas ina chuid oibre: dearmhad. Long ar seachrán farraige: as a scríb. Reilthín seachráin, an treighdín: gluaiste.

seachránach: *a.* siléigeach, mall, manaoiseach, dearmhadach, mí-cheart, earráideach, fánach. Ní réilthínidhe seachránacha an cham chéachda: ní athruighid a n-ionad: nílid taistealach. Mara mbeadh éinne in aonfheacht leis a bheadh ag meallaireacht abhaile air, duine ró-sheachránach é: siléigeach, mall chun gluaiste. Choidhche ní bheadh sé ina chainnteóir mhaith, tá sé árd-sheachránach: fánach: claon lé tagairt do nidhthibh nách dual do fáth a thagartha. Beam ró-sheachránach leis an Earrach mara luathuigheam, gach

éinne ag cur is gan faic déanta againne: moillightheach: fuairthéach. Is baoghalach liom go bhfuil sé ró-mhall anois agat aon rud do dhéanamh, bhís ró-sheachránach: ró-shiléigeach. Gan é do luathughadh bíonn sé seachránach ar an mbóthar: gan aon deabhadh chun a thriall air: stadfadh an rud ruadh ar an slighe é: níor bh'aon nath aige moill do dhéanamh. Ná scrígh leitir sheachránach chuige nó ní léighfidh sé in ao'chor í: fadálach: ná bíonn gonta, léir, athchomair. D'imtheóchadh sé indiu is b'fhéidir ná feicfí go ceann mí airís é. Duine seachránach mar é is deacair iontaoibh do chur as: fánach: tugtha do thurasadóireacht. Agus do dhá dhícheall do dhéanamh ní fhéadfá aire do thabhairt d'ainmhidhe seachránach: a bhíos claon lé fánaidheacht. Nuair bhí an bád fé thuinn seachránach ag filleadh dhi measadh caillte í: ró-mhall: ró-fhada gan tuairisc uirthi. Ná bí seachránach id labharthaibh, bí gonta tric: fadálach: ná luigh ró-fhada leis an nidh gcéadna. An Giúdach seachránach: fánaidhe Giúdaigh. Nách seachránach ataoi ag teacht: déidheannach. Beidh barraidhe seachránach ambliadhna, cuireadh déidheannach: righin ag fás. Ná bí seachránach liom: an rud atá lé déanamh agat déin tapaidh é. Scuain (traen) sheachránach: ná bíonn istigh ar an am gceart: a stadas ina lia áit. Is seachránaighe go mór ina chuid cainnte é 'ná mar bhíodh: seachmallaighe: fánaighe. Tagann cainnteanna níos neamh-chruinne uaidh. Admhuighim go rabhas seachránach i dtaobh bhrighe an fhocail: amudha.

seachránaidhe: *f.4.* fánaidhe, taistealaidhe triallta, duine a bhíos ar an bhforaoil, a bhíos ag dul amudha. Is iomdha san riamh seachránaidhe a chaith an oidhche fé iadhadh ár dtighe: duine a bhí ag siubhal roimis. Seachránaidhthe ainmhidhthe, is conntabharthach iad ar bhóithribh fé bhrághaid gluaisteán: ainmhidhthe a bhíos ag imtheacht dóibh féin. Chaitheas na bliadhanta buana im sheachránaidhe ar fuaid an domhain: ag gluaiseacht ó bhall ball is ó dhúthaigh go dúthaigh. Ní haon tseachránaidhe é, ní dócha go raibh sé fiche míle riamh ón ait in ar saoghaluigheadh é: taistealaidhe. "Teilgfidh mo Dhia seachad iad, do bhrigh nár éisteadar leis, agus beid ina seachránachaibh ameasc na gcineadhach" (Hosea IX. 17): fánaidhthe: duine gan áit longuighthe. Ní mé an t-aon seachránaidhe a bhí ar shráid an Daingin lár n-a bháireach tar éis na ráiseanna: duine go rug stródh air. Seachránaidhe oidhche seadh an ceann cait: éan ná gluaiseann amach go dtí san.

seachránaidheacht: (**seachrántacht**) *b.3.* fánaidheacht, dul amudha, imtheacht as treó, earraididheacht. Gan teacht i ngoire tighe ná áite lé seachtmhain, an tseachránaidheacht dulta ceangailte ann: an t-imtheacht ar fóraoil, ar bóiléagar. Budh mhaith an scéal é, tá adhbhar maith, mara mbeadh imtheacht lé seachránaidheacht in áiteannaibh de: dul as an scríb: imtheacht lé neamh-chruinneas. Ceann de sheacht n-iongtaisidhibh an domhain é do theacht abhaile gan seachránaidheacht do bhreith air: moille lé manaois nó neamhspéis.

seachránaighe: *b.4.* stáid an tseachráin. Nách fada an feitheamh againn leis é, is ar a sheachránaighe: mós faillightheach, fuairspreóiseach. An tseachránaighe ar na bóithribh is an droch-uain budh mhaith iad a gcabhair chun luathuighthe leis: an fhuairthéacht: an righne teacht chun cinn. Bainfidh an t-arm an tseachránaighe amach as a chnámhaibh: múinfid do connus bheith i dtráth. Beidh seachránaighe ar an obair, tá an t-aimeón lé déanamh: faid slighe.

seachránaim: (**seachránuighim**) gluaisim ar fán, as mo scríb, téighim amudha, taistealaim i gcéin. Is maith an té nár sheachránuigh am éigin dá bheatha: ná deaghaidh amudha: a ghníos éagcóir: a dheineas dearmhad i bhfios nó i nganfhios. "Óir do bhris me do chuing ón tsean-aimsir agus do dhóigh me do chuibhreach; agus adubhairt tu, ní sháireócha mé, an t-ionad in ar sheachráin tú ar an uile chnoc árd, agus faoi gach aon chrann glas, ag déanadh méirdreachais" (Ier. II. 20): gur ghluaisis ó bhall go chéile. Ní uair ná dhó a sheachránas: a pheacuigheas.

seachránta: *a.* faillightheach, siléigeach, mall, righin, dulta amudha, earráideach. Cathain chonnaicís go déidheannach é? an fada seachránta dho?: dulta amudha: imthighthe ar fán: ar iarraidh. Budh bheag mo mhuinghin as é do theacht luath, duine seachránta seadh é: mall, righin, manaoiseach. Tair seachránta annso agus annsúd i dtráthaibh staire: tuitithe i ndearmhad. B'fhearr léi go mór gan aon bhaint do bheith aice liom, dar léi, táim ró-sheachránta aige: ceann-uaiscneach, neamhstuidéardha.

seacht: *uimh.* ceann os chionn a sé is fé bhun a hocht go neambeacht, a lia. Seacht n-uaire dubhart leis éisteacht: go minic. A leithéid eile de chladhaire ní bhfaighfeá sa seacht bparróistidhibh: is taisteal maith do dhéanamh. Árd-scoláire seadh é, ní fuláir liom, deirtear go bhfuil na seacht dteangacha aige: na príomhcheanna. Nuair theastóchadh uait é do dhéanamh aon rud duit, sin uair go dearbhtha go mbíonn seacht gcúirimidhe an tsléibhe air: gabhtha ge n-a lia cúram. Duine é go mbíonn seacht gcúirimidhe an tsléibhe air gach aon lá dá shaoghal: go mbíonn mórán iarnaidhe sa teine aige. Ní feacthas riamh thú ná go mbeadh seacht máchailidhe an tsléibhe ort: a lia iomard is gearán. Tabhair do sheacht mallacht don té a bhíos ag ól: ní maith ar bith é. Thugas mo sheacht mallacht don áit fadó riamh: d'fhágas é go mear mí-chéadfadhach. Tair isteach, a fheile-amadáin, ón nduartan san, táir as na seacht siltibh: as an sileadh mhaol, bháidhte. Agam-sa atá an aithne fara na seacht n-aitheanta ar an gcladhaire sin: is rí-eól dom é. Ar mo sheacht míle dícheall ó mhaidean dom d'iarraidh an chlabhsúir do bheith agam: ghom chur féin thar mo riocht. Go raghaidh na seacht sluaiste orm ní mhaithfead do: go dtéighead síos 'on úir. Is seacht mbreághtha anois thu 'ná riamh: i bhfad agus i bhfad níos maiseamhla. D'aon stiall amháin do chuir sé ceann an fhathaigh seacht gcéad slat ó bhaile! achar mór fada. Seacht gcéad léig i bhfarraige: an t-aimeón fé loch. Chuir sé d'urchar an gallán cloiche seacht n-iomaire is seacht n-acra: do thug caitheamh áidhbhéil do. Mara n-éistighir ded chlamhsán cuirfead do cheann seacht slata: bainfead lé buille dhíot é agus raghaidh sé an fhaid sin ód chorp. Chómhairigh sé seacht ndóirse ar an dteine a bhí ag bruith an mhairt. B'fhearr liom gan bheith i ngiorracht seacht míle dho: do bheith i bhfad uaidh. Tá eólas agam-sa ort-sa agus ar na seacht sínsir a tháinig rómhat: mórán tharat siar. Beidh an t-olc ina gcroidhe dhíbh ar feadh seacht nglún: ar bhur sliocht go ceann i bhfad. Dob í oidhche na seacht síonta i gceart í: oidhche an-dhiamhair, an-olc. Is seacht measa indiu é 'ná riamh: ag dul in olcas go mór atá sé. Gura seacht bh'fhearr ambáireach thu, a dhuine ghaládnta: gura fearr i bhfad Éireann. Gura seacht mó thugas Dia duit, is agat atá lámh an tsínte: breis is méadughadh ar do chuid. Is seacht n-aindeisighe anois me 'ná an lá budh mheasa riamh me: táim árd-dhona anois. Sheasóchadh sé sin ag éinne eile a sheacht bhfaid: i bhfad níos sia. Na seacht bpeacaidhe marbhthacha go raibh ar m'anam má bhí aon bhaint agam leis: lán de pheacaidhibh go rabhadar. Budh bheag aige bréag do

chur fá sheacht ort: go minic. Cháisimh do chara seacht mbliadhna sara mbeir i ngábhtar. Na seacht ngreamanna orm-sa má thugaim aon chabhair airís duit, má sé sin mo bhuidheachas: cruadhtan trom go raibh orm. Ag dul i seacht ngéire orm atá an saoghal ag dul: ag dul i ndonas. Níor mhór dom seacht súile im cheann chun radhairc do choimeád air: dá fheabhas a fhairim me déineann sé rudaidhe i nganfhios dom. Dá mbeadh seacht bpoll tona ann ní bheadh sé choidhche chómh maith d'fhear leat: is cuma cad é athrughadh a raghadh air.

seacht-: *i gcfhbh.* Duine seacht-n-aightheach seadh é, seachain tú féin air: cuireann sé gnúis gheanamhail air féin nuair oireann do. Dá mbeinn seacht-mbeathach chuirfeá-sa chun báis le cruaidh-obair me: mo shaoghal d'fhagháil seacht n-uaire. Cnoc árd seacht-mbeannach: seacht mbeanna air. Fathach gráineamhail, seacht-gceannach: go seacht gcinn. Éadach seacht-ndathach: go mórán dath. Rud gleóidhte seacht-ndealbhach: seacht ndeilbh deifreamhla air. Is seacht-n-éirimeamhla é 'ná aon duine eile den gclainn: is mó go mór an aigne atá aige chun an tsaoghail d'fheicsint. Dá mbeifeá seacht-n-éifeachtamhla 'ná mar taoi raghadh rud díot go minic: i bhfad níos fuaimeantamhla. Bhí an scian san seacht-ngéire: go mór níos faobhramhla. Dá mbeifeá a sheacht-inntileamhla ní raghfá amach ar connus tá sé curtha lé chéile: i bhfad is i bhfad níos géire. Dá mbeifeá a sheacht-léigheanta agus is dóigh leat atáir, is mó an t-eolas atá air siúd: i bhfad níos oilte, agus scoláireacht dá réir. Dá mbeadh an gort a sheacht-leasuighthe agat ní fhásfadh aon rud fóghanta ann: oiread leasuighthe air agus b'fhéidir leat. Tá do mhadra-sa a seacht-mhúinte agus tá mo mhadra-sa: seacht n-uaire chómh múinte. Agus tu a bheith a sheacht-n-oilte agus mar taoi ní chuirfeá an buaidh air: breis mhór, mhór eolais do bheith ort. Bheadh a sheacht-n-oiread feabhasa air dá bhfaigheadh sé an chóraidheacht cheart: feabhas na machairidhe dulta air. Tóg na prátaidhe táid seacht-leachta ó bheith ar an dteine: leachta gan aon mhaith lé n-itheadh. Is mithid duit é sin do bheith seacht-lasta agat: síor-lasta .i. táir a fhaid ag gabháil de agus go mbeadh. Déanamh seacht-n-uilleach air: seacht gcúinnidhe. Tá agus déanta, déanta na seacht-n-uaire: déanta chómh maith agus is féidir é do bheith. Ná deirim leat go bhfuil an rud céadna seacht-ndéanta agam, go bhfuil eólas maith agam ar connus.

seachtar: *f.1.* seacht nduine. Dhéanfadh sé obair seachtair nuair ná déanfadh duine eile faic: mór-chuid oibre. Ní thógfadh seachtar é .i. an-throm.

seachtmhain: *b.2.* seacht lá. Seachtmhain agus lá indiu; seachtmhain ó shoin: seacht lá siar thar. Seachtmhain ó indiu: seacht lá romhainn. Gach lá den tseachtmhain bím ghá athchuinghe air aire do thabhairt do féin: an uile lá. Ón tseachtmhain go chéile bíonn sé ag dubh-obair: do shíor. Chaithfeá seacht seachtmhaine leis sin, ní haon obair shonaoideach é: tamall maith. Seacht seachtmhaine reamhra ó Shamhain go Nodlaig: iomlána. Seachtmhainidhe a thagann sé is seachtmhainidhe ná tagann: bheadh aitreamha seachtmhaine idir gach aon dá chuaird. Seachtmhainidhe maithe tiorma iad so caithte againn anois .i. ní háirmhightear an líon. Seachtmhainidhe go maith agam is seachtmhainidhe go: tamallacha go mbeadh breis agus seachtmhain ionta. Gheibhim trí púint i gcionn mo sheachtmhaine dhom: as sheachtmhain oibre. Tagann a chuid airgid chuige go tráthamhail i gcionn na seachtmhaine: uair sa tseachtmhain. Dréir na seachtmhaine a díoltar é .i. nuair bhíonn seachtmhain suas i gcómhnaidhe. "An bhfuil trí

bliadhna ó thárlaidh sé?" – "tá agus seachtmhain de bhliadhantaibh": mórán. Éirigh as, ná caith an tseachtmhain leis: an iomad aimsire. Caithfead an deireadh seachtmhaine fén dtuaith: ó thráthnóna Aoine go maidean Luain ina dhiaidh. Tá seachtmhainidhe na Nodlag thart: an méid laetheanta a bítear a tiargáil ina cómhair agus ghá chaitheamh. Fé sheachtmhain beidh sé ullamh agam: sara mbeidh seacht lá caithte agam leis. Tómhas na seachtmhaine de bhiadh: oiread is dhéanfadh seacht lá. Tair lá den tseachtmhain: aon lá ach an Domhnach nó lá margaidh (go minic). Seachtmhain na Cásca .i. a thosnuigheas lé Domhnach Cásca, freisin. An tSeachtmhain Cásca, 1916, a fógradh Poblacht na hÉireann agus a troideadh ar a son. Seachtmhain na hAthchuinghe: an tseachtmhain go mbíonn Déardaoin Deasgabhála uirthi. Seachtmhain an Luaithreamháin .i. tar éis an chéad Domhnaigh sa Charrghas, tar éis Cincíse, tar éis an cheathramha lae déag de Mheadhón Fóghmhair agus tar éis an tríomhadh lae déag d'Easbhasailt. Beidh fíon agus ól againn seacht seachtmhaine ar bórd .i. is sia thaidhbhsigheann an río-rá ar an dtagairt sin.

sead: *b.2.* glór seórdánach; glór scarttha uisce; béic. Má chuirir sead eile asat, tachtfad thu, táim bodhar agat: béic: glór. Chuir an bhó sead eile aiste: streall dá cuid uisce. Gach sead ghuil ag an leanbh: béic: é ag béicgheal ghuil. Tháinig sead eile de dhruim na carraige a fhliuch go cnámh me: streall throm fhuinneamhail. Gach aon tsead ag an leann ag teacht as an mbarraile le fuinneamh: streall láidir agus glór aice. Níl sead eile sa tsoitheach: braon eile.

seadh: *f.* uain, seal. Tá a sheadh tugtha, níl a thuilleadh troda ann: a ré caithte: a sheal saoghail. Sin é tu ag tabhairt gach re seadh dom-sa in ionad ruda éigin do dhéanamh dhuit féin: go giorraisc liom nuair iarraim rud do dhéanamh. Má labhair sé go dána léi thug sí gach re seadh do: comaoin a bhfuair. Ná deinidh faic ach bíodh gach re seadh agaibh lé chéile: ag tabhairt giorraisc chainnte. Thug sé a sheadh is budh mhaith an seadh é: bhí a lá aige, etc.

seadh: (**= is eadh**) Beathuisce atá uait, seadh?: nách eadh? "Cogadh uathbhásach seadh é" – "seadh san": gan aon amhras. Déarfaí "seadh anois", nuair cloisfí rud a thabharfadh sásamh. "Seadh anois, is dóigh", nuair bhíonn rud déanta, tárluighthe nó cloiste a shásuigheas nó ag cur chun oibre. Seadh, seadh, sin é an siubhal, sin í an obair, is maith é sin, etc.: lé sástacht adeirtear san. "Tá sé briste agam fairír!" – "seadh!": lé hiongadh. Seadh bead ann: tá m'aigne air: bí ag braith orm chuige. Ní dubhairt "seadh" ná "ní headh": aon smiog níor labhair. Fágaidh ar a bhuille é, ná habraidh "seadh" ná "ní headh" leis: ná cuirtear chuige ná uaidh. Ag ath-ghabháil scéil nó eachtra deirtear, "seadh" bhí san mar sin ar feadh tamaill, etc. "Seadh" ambasa má labhair sé dubhairt sé, fanadh gach rud mar tá. "Droch-lá ceart é" – "seadh san, mhuis": bítear deimhnightheach de. "Earra ró-dhaor dom leithéid-se d'fhear bhocht í sin" – "seadh leis" is fior san, nó ní headh in ao'chor. "Seadh annsan duit", ar bhualadh lé duine, ar a theacht ar cuaird, etc. "Duine dian é" – "seadh go maith": is fíor san ina thaobh. Ní fheadraís cad dhéanfadh sé, is amhlaidh atá seadh is ní headh aige: ní déarfadh as an gceanntsláine cad tá fé do dhéanamh.

seadach: *a.* ag teacht ina streallaibh, ina threighdibh; go fuidheach. Is é seo ná fuil ceal goile aire, is é atá ag itheadh go seadach: go blasta, subháilceach. Gaoth sheadach sa

tsimné agam ar feadh na hoidhche: gaoth ag teacht go láidir is seórdán aice. Lá seadach ar bháistigh (ar shneachtadh): ag cur go trom. Uisce ag pléascadh go seadach as chroidhe na carraige: ag teacht amach ina streallaibh fuinneamhla.

seadachan: *f.1.* neadughadh, ag cóiriughadh neide. Ní raghadh an t-éan chun seadachain: ní raghadh chun uibh do bhreith. Anois, tá na héanlaithe ag seadachan chidhfeá ag coimheascar is ag bailiughadh sopacháin iad: ag déanamh a nead. In ionad deacair do néann an seabhac gorm seadachan: a nead do dhéanamh.

seadadh: *f.* (*-dta*) strealladh, séideadh, tabhairt as go trom, réabadh. Níor staon an tseachtmhain de sheadadh gaoithe: ag séideadh go láidir, fuinneamhail. Thug sé an lá ag seadadh (báisteach, sneachtadh, gaoth): ag cur: ag séideadh go trom. Ar an uain seo tá sé ag seadadh aniar ón bhfarraige go fiadhain: ina stoirm. Éist annsan! ná bím ag éisteacht leat ag seadadh éithigh: ag scilligeadh ar nós an mhuilinn. Bheadh truagh ged chroidhe dho ag seadadh fola: ag tabhairt fola go tiugh agus go trom. Téanam, fág annsan é, thabharfadh san an lá ag seadadh chainnte: ag cur as gan staonadh. An-dhroich-bhéal uirthi dá gcloisfeá ag seadadh dhiabhal í: ag eascuinghe. Bí ag seadadh leat ná cuirimís-ne isteach ort: ag cur asat. Tá sé ag seadadh leis fós, ní fios cathain stadfaidh sé: an ritheadh seama céadna fé. An bhfuil an oidhche anocht ag seadadh sheaca: ag cur go trom. Ag seadadh fuil shrón: í ag teacht go fuidheach. Nuair chloisfidh sí an scéal so, cuirfidh sé ag seadadh fuail í: beidh an oiread san feirge uirthi go mbeidh a cuid uisce ag teacht ina streallaibh. Do bhí fearg ar an dtarbh, dá bhfeictheá é ag seadadh chré san aer ó n-a chrúbaibh: ghá chur ina ceódh uaidh. An oiread san siubhail fén mbád go raibh sí ag seadadh farraige cháithteach ó n-a tosach: ghá caitheamh uaithi lé fuinneamh. Ag seadadh air atá an lá: ag dul i bhfeabhas nó in olcas. Na cómhachta cogaidh ag seadadh ar a chéile chómh fíochmhar agus bhíodar riamh: ag ionsaidhe is ag tuargaint a chéile. Ag seadadh chloch, philéar liom: ghá gcaitheamh go hiomadamhail. Tá sé ag seadadh orm airís, an tinneas diachrach so: ag tabhairt fúm. Ná bí ag seadadh orm-sa mar gheall air, níl aon chúis agat orm: ag gabháil díom. Duine éigin annso sa pháipéar ag seadadh fén aire: ag tabhairt fé. Táir ag seadadh chun éithigh airís: ag cromadh air. Ag seadadh ar obair (chun oibre) i moch na maidne: ag cur chúiche go fuadrach. Táid ag seadadh chun bóthair anois: ag cur chuige go fireann. An braon caithte aca, iad go léir ag seadadh ar amhrán: ag cur chuige. Ag seadadh uisce sa cheann orm: ghá chaitheamh ina streallaibh. Ag seadadh airgid uaidh mar bheadh fear go mbeadh na milliúin aige: ghá raideadh uaidh gan spéis. D'aindeóin a bhfuil de leighiseannaibh curtha ar an mbeithidheach san tá sí ag seadadh buinnighe lé coighcíos: ag strealladh: ag teacht uaithi ina sconna. Bír i gcómhnaidhe ag seadadh orm-sa, pé cúis atá agat orm: ghom ionsaidhe: ag tabhairt fúm. Is mór an seadadh chun ban atá air: éirghe: fonn is fuadar. Ní bhainfeadh aon rud an seadadh tinnis de: an bualadh trom, cómhnaidhtheach. Bhíodh seadadh dighe ar an mbailtín nuair thagadh chúig lánamha déag pósta ann is an saoghal go maith: glaodhach is ól. Thugadar an oidhche go léir ó scur leigeant ag seadadh ón aer: ag caitheamh phléascán. Ag seadadh na cruithneachtan aníos as thóin na luinge trí phíopaidhibh: ghá séideadh. Budh thaithneamhach an radharc ina seasamh i mbéal an dorais í ag seadadh póg is slán liom: ag caitheamh. D'fhágas an tigh go mear is iad ag seadadh mhallacht liom: ghá rúideadh liom. An capall ar cosanáirde trí imeall an uisce ag seadadh sáile

lastuas den marcach: ghá thiomáint anáirde lé fuinneamh. Níor bh'iongadh go bhfuaireas fuacht is me ag seadadh alluis ar mo speil ó mhaidean: ag cáitheadh.

seadáil: *b.3.* séideadh; strealladh. An gcloisir an tseadáil ghaoithe sa tsimné? tá droch-aimsir air: fuarmáil: seórdán. Rug seadáil mhaith bháistighe ortha: tuiteam maith. Bí ag seadáil asat go maidean, níl toradh madra agamsa ar do theangain: ag cur asat: ag tabhairt béil. Tar éis na seadála go léir cad tá dá bharr aige: na gaoithe móire: an chainnt san aer. Thug lucht múchta na teineadh an oidhche ag seadáil uisce ar an dtóiteán: ag strealladh.

seadaim: *b.a.* séidim; scaoilim uaim lé fuinneamh, scartaim, réabaim, cuirim asam; ionsaidhim i ráidhtibh, etc. Shead sé a raibh ann: chuir sé as a raibh ar a chumas. Shead an lá aniar dtuaidh go raibh barra geal is capaill bhána ar an bhfarraige: shéid sé go teann, fíochmhar. Sead leat, chómh fada lém chuid-se dhe, ná stadadh mo dhícheall thu: lean ort go fuadrach. Sheadadar chun a chéile a thúisce is fuaireadar an chéad amharc ar a chéile: seo ar a chéile iad: chormadar ar throid: thosnuigheadar ar an mbéal do thabhairt dá chéile. Seadaidh chun an bhídh, tá an sceón ocrais oraibh ó fhaid bhlaiseabhair ceann: sáthaidhidh chuige: cromaidh air. Sead air, ná stadadh mo dhícheall thu, lean ar t'aghaidh: méaduigh ar do ghníomh. Seadfaidh as anois gan aon stad go mbeidh deireadh ráidhte aige: cuirfidh sé as: beidh ag labhairt leis. Shead an soitheach anáirde san aghaidh air nuair bhí sé ag cur an chuic ann: scairt nó streall an leann lé fuinneamh nuair fuair sé gaoth. Seadann an pian chugham in uaigneas na hoidhche agus truagh dhealbh me aige: greadann sé orm. Ar an gcéad amharc seadaid chun a chéile: ionsaighid. Cá bhfaigheann sé na cártaidhe go léir a sheadann sé: a chaitheann sé amach i ndiaidh a chéile gan stad. Sead uait an t-airgead, níl aon bhuannacht agat air chun a choimeádta: caith amach é: cuir a chúram díot. Sead fén óráid anois: crom ar a tabhairt uait. Shead na cearca a raibh de chré ann ar fuaid na hiothlann lé n-a gcrúbaibh: scríobadar san aer. Shead an dochtúir rud éigin isteach im chuislinn lé scartán: shéid lé fuinneamh: streall sé. Ná déin aon stad, sead ort, b'fhéidir go dtiocfá suas leis: deifrigh: luathuigh: lean ar t'aghaidh. I meitheamh an gheimhridh ní fheadair duine cathain sheadfadh sé chuige: cathain chromfadh ar droch-aimsir do dhéanamh. Sheadfadh sé cré is móin tharais mar dhéanfadh inneall: chuirfeadh tharais iad go bríoghmhar, tapaidh. Sead amhrán orainn: scaoil ceann orainn. Seadann sé a mbíonn aige in aonfheacht: ní néann foidhne ar bith.

seadaire: *f.4.* laoch, gaiscidheach; fear acfuinneach, fuinneamhail. Seadairidhe fear dob eadh ár sínsear 'e bhreis orainn, ní gheóbhaimís trí leath a gcruadhtain: fir go raibh neart, fulang agus fuinneamh ionta. Seadairidhe na dtíortha ag gabháil dá chéile anois: an chuid is tréine aca.

seadaireacht: *b.3.* laochas, cródhacht; cur as; gleódh; strealláil. An stadfair choidhche den seadaireacht? is geall lé gealbhan gleóidh thu: gleódh is cainnt. An bheirt gharsún ag seadaireacht uisce ar a chéile lé dhá ghunna pléascáin: ag strealladh. Thabharfadh sé a lá is a shaoghal ag seadaireacht dá bhfaigheadh sé éinne a éisteóchadh leis: ag cur as: ag gleódháil chainnte. Ar a raibh ina gcoinnibh lé seadaireacht cheart do bhuadar an oiread cath: cródhacht. Cuir uait an tseadaireacht ach díol amach gach aon phinginn atá agat, ní haon easbhaidh atá ort: an chníopaireacht. An lá ag seadaireacht ar cad a dhéanfaidís is ná déanfaidís: ag cur asta gan fuaimeant.

seadálaim: *b.a. 7 n-a.* streallaim, sconnuighim, scartaim. Nuair sheasófá air siúd seadálann sé uisce: streallann: scartann. Dá bhfáiscfeá machdual sheadálfadh sé: thiocfadh uisce ina streall as.

seadálta: *a.r.* streallta, scarttha. Tá deireadh seadálta ag an lá: deireadh báistighthe, sneachtaidh, etc. déanta aige. Níl a raibh sa tsoitheach seadálta fós aige: tugtha aige. An scodal seadálta as a bolg ag an bpullóig: caithte aniar.

seadán: *f.1.* míolchaire, aicíd, sceartán; péacán eachtrannach. Puill seadáin ins na prátaidhibh: puill i ndiaidh piast.

seadán: *f.1.* seórdán, puth, píochán, anál, tarrac suas, múchadh. Seadán maith gaoithe isteach fén ndoras san: siolla. Seadán ar na píopaidhibh gan sos aige: múchadh air. Ní fada ón gciteal so seadán do bheith aige: é bheith ag usmairt. Maidean ná raibh seadán sa spéir, gach aon rud im thímcheall chómh marbh: puth gaoithe. B'aoibhinn seadán na mbeach um nid: an glór binn a ghníd. Oiread agus seadán ná bíodh asat nó sciobfad an plaosc díot!: ná tagadh smiog asat. Seadán an domhain uile atá agat, ná héisteófá tamall éigin: glór.

seadánach: *a.* glórach, seórdánach, usmairteach, cainnteach. Tá droich-shín air, tá an simné seadánach anocht: seórdánach: glór ag gaoith ag feadghail ann. Tá fuacht fachta agat, tá glór seadánach agat: srannán id ghuth. Cómhnuighir i bpoll an-sheadánach thuas annsúd i mbun an chnuic: gaothmhar: áit gur gnáth leis siolla gaoithe do bheith ann.

seadar-ghaoth: *b.2.* gaoth threighideach, chóchach, tadhallach. Níor shéid sé ar fad ach i rith na hoidhche bhí seadar-ghaoth: gaoth theann ag teacht ina tadhallaibh. Ná bí ag seadar-gháiridhe mar sin, cómhartha giofaire seadh é: ag pléascadh ar gháiridhibh ar aitreamhaibh. Is mar a chéile dhuit bheith ag seadar-ghlaodhach air sin nó bheith d'iarraidh na marbh do mhúscailt: ag glaodhach is ag ath-ghlaodhach go láidir. Fan istigh ó thurus fhada indiu, déanfaidh sé lá seadar-bháistighe: beidh sé ag cur go trom ar uairibh. Ar feadh na hoidhche bhí an dá thaobh ag seadar-chaitheamh ar a chéile: ag rúscadh a chéile go trom sealanna. Ó mhaidean go hoidhche bhodharfadh an leanbh san thu lé seadar-bhéicigh: tadhallanna béicighe: taom anois is taom airís.

seadghail: *b.3.* scartghal, streallghal; séidfighill. Ar an seadghail a bhí air b'fhuraiste aithint dom go raibh an t-árd mós maith do: saothar agus duadh anáile. Tabharfaidh sé an lá go léir, ar an gclódh atá air ag seadghail: ag fearthainn. Luathuigh chun an chorcáin seo, tá sé ag seadghail: ag fiuchaidh is glór aige. An bád ag gluaiseacht chómh mear san go raibh sí ag seadghail uisce ó n-a tosach: ghá chur anáirde san aer. A thuilleadh seadghala asat-sa anois agus sciobfair an ceann ón gcolainn agat: glór: cur as.

séadmhar: *a.* (**séodmhar**) luachmhar, saidhbhir fé shéadaibh; maoineach. Uaireadóir séadmhar í sin, cad thugais uirthi?: luachmhar: gur fiú cuid mhaith í. Ar an ndomhan uile ní scarfainn leis an gcapall san, ainmhidhe séadmhar seadh é: ainmhidhe gur fiú aonnidh é. Is beag rud ag teacht as an dtalamh anois is séadmhaire 'ná íle ach biadh amháin: is

luachmhaire. An té go mbíonn bean shéadmhar aige, budh chóir do aire do thabhairt di: bean mhaith ar gach cuma. Ní séadmhaire ar dhruim na cruinne tír 'ná Éire: dob ionmhuine lé croidhe an duine. Maran séadmhar atá sé agat ná leigfeá do dhuine féachaint air: maran mór is fiú agat é. Is é ceann urraidh is séadmhaire ag an arm é: is mó gníomh, cion, meas agus gur deacra leó scaramhaint leis.

seadráil: *b.3.* strealláil, scárdáil. Fáisc an claibín ar an meidir, tá sí ag seadráil: tá an t-uachtar ag léimeadh leis an gcasadh. Ná bí ag seadráil uisce orm léd mhaide, rámhaidh i gceart: an t-uisce ag léimeadh ón mbuille. Chloisfeá seadráil bháistighe ar an bhfuinneóig: ag bualadh ina coinnibh. Na leanbhaidhe ag seadráil trí imeall an uisce: ghá chur san aer le n-a gcosaibh.

seafaid: *b.2.* beithidheach nó bó leice, dieréach duine. Táid ina seafaidíbh tar éis an gheimhridh, ní mór an t-itheadh a bhí aca: caithte, seirgthe. Gread as mo radharc, a seafaid, níl anam sicín ionat: spreasán.

seaga: *f.4.* an fiach mara glas; séithleach, duine léirighthe. Ag scroghghail ar nós an tseaga .i. béas ag an éan san bheith ag searadh a scrogaill 'sag dearcadh ina tímcheall. Nách é an seaga é: duine lom, árd. Ná tabharfá rud éigin lé n-itheadh don seaga gadhair sin, níl ann ach na cnámha: madra lom, ocrach. Mhuis, an seaga bocht, is fada roime seo go bhfuair sé a dhóthain lé n-itheadh, ná bí ghá mhaoidheamh air: raga: duine gan feóil, gan bláthas.

séagaidhe: *f.4.* duine a bhíos dulta as; caithte lom; duine siléigeach, faillightheach. Cuir anam ionat féin chun do chuid bídh, ná bí id shéagaidhe mar sin: ag caitheamh iomad aimsire leis. Cathain thiocfaidh an séagaidhe sin? tá mo chroidhe briste ó bheith ag feitheamh leis: duine righin, mall, mío-thapaidh. Séagaidhe gréasaidhe ná faghfá faic déanta ó n-a láimh choidhche: rud siléigeach, manaoiseach. Dá mbeadh sé ar lucht praitineamhla an domhain tá cuma an tséagaidhe air: duine fadálach, leasc. Séagaidhe ar bhóthar, ar ghnóth, ar ghníomh, etc. seadh é: duine ná bíonn ach ag máineáil, mar bheadh sé leath-mharbh. Má leanann an bhreóidhteacht so tamall eile é déanfaidh séagaidhe dhe: éiglidhe.

séagaidheacht: *b.3.* faid slighe, siléige, leadránaidheacht, righneachas. Tá an oidhche ag dul chun séagaidheachta orainn: chun faid slighe gan aon rud do bheith déanta. Raghaidh an scéal chun séagaidheachta: chun righnis. Chuaidh an galar chun séagaidheachta dho ná raibh aon dul ar é do leigheas sa deireadh: ró-fhada: níor fhéachthas chuige in am chun maitheasa do dhéanamh. Cad é an tséagaidheacht atá agat leis ach é do dhéanamh nó éirghe as: siléig: máineáil. Ná bí ag séagaidheacht léi, ach póg í: ag caitheamh aimsire gan aon chiall. Thabharfadh sé an mhaidean ag séagaidheacht lé n-a chuid bídh: i bhfad ag gabháil de gan chall: ag slibreáil. Tá an t-iasc ag dul chun séagaidheachta, caithfeam éirghe as: ag dul i moille chun beartha. Caith siar é, ná bí ag séagaidheacht leis: ag dul chun righneachais. Tá an t-uisce sin ag dul chun séagaidheachta ar an dteine: tá sé ró-fhada uirthe gan téidheamh. Ná leig chun séagaidheachta do chuid oibre: chun fuaire.

seagal: *f.1.* plannda arbhair. Déintear plúr garbh de. Arán, beathuisce seagail. "Teacht an tseagail air" maran fada atá sé: mall, righin. "Seasamh an tseagail annsan chughaibh", lé dream go mbíonn a ndrom lé falla aca: seasamh fada díomhaoin.

seaimpín: *f.4.* saghas maith prátaidhe. Lé muic reimhir deirtear "fuair sí seaimpínidhe agus min".

seal: *f.3.* tamall, aitreamh, uain, tréimhse, tráth, uair. Caithfear seal leis: tamall fada. Seal dá shaoghal bhí sé i Mearaice: tamall: scathamh: tréimhse. Seal dá shaoghal budh mhaith an fear é: tráth: uair. Bíodh seal agat ar an sean-phíp seo: bain adhbhar gal aiste. Sin mar tá ag an aindeiseóir, a sheal féin ges gach éinne air: go héinne d'iarraidh an méid dob fhéidir leis do bhaint as. Chaith sé seal maith i bpríosún: aimsir fhada. Is geairrid é seal éinne ar an saoghal so chun bheith ag déanamh lóin de: tréimhse: aimsir: ré. Níor mhór do seal maith tiormaigh d'fhagháil tá sé an-fhliuch: tiormach ar feadh tamaill fhada. Bímíd ag obair dá chéile seal ar sheal: speal oibre i gcoinnibh speile. Níor thug sé ach seal beag ar an mbaile: tamall gearra. Caitheadh seal maith leis na brógaibh do dhéanamh: tréimhse thar mar is gnáth. Baineadh seal moille asam, mar bhí mórán daoine sa tsiopa rómham: breis mhoille. Seal ag feirmeóireacht is seal ag iascach: tamall so súd. Tagann sealanna ar an dtinneas so go mbíonn sé níos measa 'ná a chéile: tamallacha: uaineanna. Seal dá rabhais budh bhreágh an bhean thu: tráth ded shaoghal. Ní mór go bhfágann sé in ao'chor an áit, caitheann sé seal ar sheal: tráthanna fada. Culaith mhaith í sin, bainfir seal aiste: tamall cuibheasach fada. Bíodh gach re seal againn air: déinimis uanaidheacht ar a chéile: gach re tamall. Dúisigh é, tá seal codlata déanta aige: tamall maith. An bhfuil an t-oileán seal ón míntír: achar mór. B'ait linn ná rabhamair in aon ghiorracht don dtalamh agus seal maith rámhaidheachta déanta againn: scathamh fada. Ná fan liom-sa, bead seal: aimsir a bheadh ró-fhada dhuit bheith ag feitheamh liom. Gach nduine ar a sheal, ná bídh ag baint na sál dá chéile: ar a uain. Ní furaiste a rádh ná go raibh a sheal caithte ar a luighead trialach a thug sé uaidh sa deireadh: a ré maitheasa. Seal chugham is seal uaim, sin mar bhíonn an tinneas so: tagann agus imthigheann ar aitreamhaibh. Is fada as seal an saghas san bróg: as feidhm: nílid i nósmhaireacht. Dá bhfaghainn seal ar é d'fhagháil díomhaoin: eaga: aitreamh. "Im aonar seal ag siubhal bhíos/ i dtúis oidhche i ngaorthadh ceóigh etc.": tamall: tráth. Táim ag obair ar seal .i. díoltar me dréir an méid do dhéinim. Bheadh sé seal maith ó bhaile ó fhág sé: achar. Seal chun na bhfiach do dhíol: eaga: gan breith tapaidh ar dhuine. Raghad seal den bhóthar leat: cuid de. An t-aith-sheal do chaith sé ann seadh dhein sé an t-airgead ar fad: an dara tamall, tréimhse. Ní thabharfainn faic aith-sheal do mar laiteann sé aon rud a gheibheann sé isteach in a dhorn: ath-uair: ath-thamall. An chú ar chómh seal i ndiaidh an ghirrfhiaidh: go dian sa lorg agus go cíocrach. Cóimh-sheal do chaitheamair ar scoil: an fhaid chéadna. Seal ó gheóbhfá is seal ná faghfá iasc san abhainn: ar uairibh. Bhí seal an mhuilinn agam air: uain: b'é mo thurus-sa é. Buail seal séid seal: bíodh tamall ar gach ceann díobh agat. Raghaidh sé seal air: cuid mhór den slighe. Raghaidh an cogadh so seal eile: tamall mór fós. Tar éis seal déanfar árd-cheann de: nuair bheidh tamall imthighthe.

séala: *f.4.* cómhartha, stampa greanta chun riain do chur i gcéir; foirb, iarsma, deasca. Cuir t'ainm agus do shéala leis sin: do cómhartha ceannais. An mío-ádh d'éirigh an uair úd do beidh sé ina sheála choidhche air: beidh a dheasca go soiléir air. Fé shéala an

uachtaráin: rian cómhartha cómhachta an uachtaráin. Níl aon tséala ar an leitir seo: níl sí iadhta. Dúntar fé shéala gach bosca aca: ceangaltar agus cuirtear cómhartha áirighthe lé luaidh nó céir nó a leithéid ortha. Dá mbeadh séala dhá chur ar a bhéal ní bheadh sé chómh béal-scaoilteach: rud éigin do dhéanamh leis a chuirfeadh iachall air é do chongbháil iadhta. Budh chóra dhuit é d'fhágaint id dhiaidh, ná feacaís mo shéala sealbhuighthe air?: cómhartha gur liom é. Tá séala an diabhail scríbhte ar a éadan: cómhartha droch-thuair go bhfuil sé fé chómhacht an diabhail. Fear macánta, agus sin é séala atá air: clódh agus cuma. Tá séala beannuighthe an Tighearna ar a ghné: tá sé go soiléir lé feicsint ina cheannaghthaibh go bhfuil grásta Dé aige. Chuir an t-aimréal chun farraige agus órdughadh fé shéala aige: órdughadh ná beadh ceaduightheach féachaint air go mbeadh in áit áirighthe nó ar am áirighthe. Tá sé fé n-a shéala agam é d'fhagháil uait: órdughadh scríbhte. Fágfaidh an t-ólachán séala ort mara dtréigir é: iarsma: droch-chómhartha. Féach air, tabharfair fé ndeara séala an bháis air: cómharthaidhe tuair. Aon rud a bhíos fé sheála na faoisdine aige ní féidir leis do luadh: urradhas. "Is liom-sa é sin?" – "cá bhfuil do shéala air?": do cómhartha gur leat.

sealad: *f.1.* aitreamh, eaga, tamall, tráth, speal, tréimhse. Sealad dem shaoghal do chaitheas le scléip: aitreamh: tamall (fada). Dar go deimhin féin ní haon mhaoidheamh duit é do bheith déanta agat, tá sealad maith caithte agat leis: tréimhse. An bhfuil a fhios agat go bhfuilir sealad leis?: breis aimsire. Is amhlaidh mar bhíonn agam sealad suairc sealad duairc: tamallacha so súd. Fuair sé sealad breoidhteachta: tréimhse. Thug sé sealad bliadhan ag múineadh ar an oileán: achar. Ní haon náire dho dul ar an mbreis, tá sealad maith in ár measc aige: tréimhse maith ar an saoghal. Suidh sealad, cá bhfuil do dheabhadh?: ar feadh tamaill. Múch an craolachán san, tá sé sealad ar siubhal anois: tamall cuibheasach fada. An bhfuil a shealad san arm istigh?: an tréimhse dleaghthach. Dá bhfaghfá aith-shealad ar an saoghal budh thu an duine céadna, ní haon athrughadh a raghadh ort: an tréimhse céadna ath-uair.

séaladh: *f.* (*-ltha*) do chur séala ar, cómhartha, críochnughadh, etc. Ag séaladh a anama lé Dia: ag déanamh síothchána leis. Ag séaladh na leitreach: ghá hiadhamh. Ag séaladh adharc na mbeithidheach lé hiarann dearg: ag cur riasta ortha mar chómhartha. Ag séaladh a ghrádh lé póig di: mar chómhartha dílis.

sealadach: *a.* tamallach, ar feadh tréimhse, de chionn aimsire, duthain, neambuan. Ní mór é a shuim san mbeatha shealadach so, ní néann sé aon lón di: beatha neambuan. Riaghaltas sealadach: a cuirtear ar bun de chion scathaimh áirighthe aimsire. Fanfad annso go sealadach go bhfaghad cao ar áit is fearr: ar feadh tamaill. Níl ann ach socrughadh sealadach, caithfear gabháil chuige airís agus crích cheart do chur air: a dhéanfadh idir dhá linn. Níl ort ach taom sealadach, imtheóchaidh a chuimhne sin uait: taom ná mairfidh ach tamall d'aimsir.

sealaidhe: *f.4.* duine a néas uanaidheacht, ná caitheann ach tamall ar rud; duine a oibrigheas ar scar áirighthe oibre. Níl ionam ach sealaidhe puist, tá an fear eile ar a shaoire: fear ionaid. Níor chlaoidh sé lé haon ghnóth riamh, níl ann ach sealaidhe: duine a dhéanfadh speal is éireóchadh as. Díreach agus sealaidhthe na hoidhche ag dul ag obair: an dream a oibrigheas ist oidhche amháin ar chúram áirighthe.

sealaidheacht: *b.3.* uanaidheacht, tamallaidheacht. Déinimíd sealaidheacht ar a chéile ag obair: gach re tamall againn. Obair sealaidheachta istigh is amuigh: tamall ag obair istigh is tamall amuigh. Déineann sé a shealaidheacht ar an siopa chómh maith lé duine: caitheann tamall ann maidir lé n-a thuilleadh.

sealán: (**siollán**) *f.1.* lúb, súil ruibe, gad, scláitín cruinn miotail, leathair etc. chun ballnasca do theannadh. Chuirfinn an sealán fé, sin é dhéanfainn leis dá bhféadfainn é: chrochfainn é. Tá an sealán tuillte ag an allfraits, tá san: cnáib an chrochadóra. Chuir sí an sealán fé: rug sí greim cruaidh air. Tugadh an sealán do: an chroch. Scaoil an dá shealán in aonfheacht nó iompuigh an t-ualach: an dá ghad tuighe a bhíos ar sileadh ó thaidhbhsighibh ughamach i gcuibhreach ruibínidhe na sciathán. Sin iad na sealáin leigthe. Is mairg don óinsigh a chuir a méar riamh i sealán don gcladhaire: a phós é. Dá mbeadh sealáin ar na bacánaibh chrochfadh an doras níos fearr: blúiridheacha cruinne leathair sáidhte síos ortha.

sealánach: *f.1.* crochadóir, cladhaire, scrutachán. Bheadh náire orm sealánaigh bó mar iad san do bheith agam, gan ionta ach an croiceann is na cnámha: ainmhidhthe léirighthe. Is me an sealánach a bheidh air, tá an oiread san gráin agam air: an marbhthóir. Dhéanfadh an sealánach san do bhascadh díreach nuair is lághaiche bheadh sé leat: cladhaire. An muileann do shíneadh leis ní chuirfeadh sé blas ná dath ar an sealánach san, bheadh sé chómh lom tairngthe is bhí: scrutachán: séithleach.

sealánta: *a.* teann, dian, neamhghéilleamhail. Bíonn sé ró-shealánta lé héinne go mbíonn aon chómhacht aige air: dian: neamh-ghéilleamhail. Na bí chómh sealánta san orm is go gcaithead bheith istigh go beacht ar an am: chómh teann san liom: mós dian.

sealbh: (**seilbh**) *b.2.* rud a bhíos ag duine dá chuid féin; aiste ruda bheith fé bhuanacht ag duine; maoin, gustal, oidhreacht; fagháltas; tréad. An lá ghlacas sealbh sa tigh seo: a chuadhas chun cómhnaidhthe ann de bhrigh gurbh é mo chuid é. Ghlac na saighdiúiridhe sealbh im thigh dem aindeóin: chuadar ar buanaidheacht ann: chuireadar fé n-a smacht é. Cuireadh as sealbh na cathaoireach me: cuireadh aiste me: pé buannacht nó greim a bhí agam uirthi baineadh díom. Is mór go léir na sealbhaintidhe a bhí ag an Hólainn fen mbóchna soir: tíortha fé n-a cómhacht. Déineann sealbh sásamh: is subháilcighe sinn rud do bheith againn 'ná bheith ar a iarraidh. "Is náireach an tsealbh sparán saidhbhir is croidhe bocht": ní maise d'éinne a leithéid d'aiste. An tsealbh an teideal is treise: is mór an nidh do bheith i mbuannacht. Thugas do a raibh im shealbh: ar bh'fhiú me: a raibh fé bhuannacht agam: a raibh ar iomchar agam (airgead, etc.). Dhá dtrian buannachta sealbh: an té a bhíos i seilbh is deacair a chur as. Is beag an mhaith dho bheith ag éileamh seilbhe sa tigh, cá bhfuil a bhuannacht: d'iarraidh é bheith aige dá chuid féin. Thugas an eochair do agus thugas sealbh do: buannacht ar chur fé ann, nó a bheith aige dá chuid féin. Cuirfear an dlighe go trom air, fuairtheas an tsluid ina sheilbh: aige. Cad é an áit as sheilbh an diabhail gur tháinig so? (lé feirg nó déistinn): cad as in ao'chor? A' sheilbh an dibhail ní heól dom cár chailleas m'uaireadóir: téigheann sé dhíom cuimhneamh air. A' sheilbh Dé cá rabhais go bhfuil an íde sin ort? (lé hiongadh): cá rabhais nó cá bhféadfá bheith. Mise atá i seilbh na cainnte anois, leig dom labhairt: is liom-sa tosach nó cead

cainnte. Cé atá i seilbh na háite sin?: ce hé gur leis é? Baineadh sealbh an tighe dhíom: cuireadh as me: baineadh mo bhuannacht air díom. An dóigh leat ná fuilim i seilbh mo chéille go ndéanfainn rud chómh baoth leis: go bhfuil sí scaipithe orm. Ar an gclódh atá ort, táir i seilbh an bháis: greim aige ort. Beir gan sealbh gan saidhbhreas mara stadair den scléip: gan áit, fagháltas ná airgead. "Agus do bhéaraidh me dhuit-se/ agus dot shíol id dhiaidh an fearann ina bhfuil tú ar cuairt, tír Chanain uile mar shealbh shíorraidhe, agus beidh me im Dhia aca" (Gen. XVII. 8): fé n-a mbuannacht féin, féin, mar oidhreacht choidhche. "Óir do bhí aige sealbh thréad agus sealbh aodhaire agus uimhir mhór seirbhíseach, etc." (Gen. XXVI. 14): tréada agus uile fé bhuannacht. "Gidh b'é bhéaras ar an bhfíréan seachrán do dhéanadh a ndroichshlighe, tuitfidh sé féin ina phoill; acht biaidh nidhthe maithe i seilbh an dírigh" (Seanráidhte XXVIII. 10): aige fé bhuannacht. Bhíodh sealbh trí mbó aige ann: cion trí mbó de thalamh. Cóimh-shealbh atá againn ar an mbád: cómh-bhuannacht. Dá mbeadh sealbh i mbád agam do raghainn ag iascach: cion duine agam di. Dá mbeadh ar mo shealbh gheóbhfá: dá mbeadh agam agus buannacht agam air. Chuir sé a raibh aige i seilbh a mhná chun nár bh'fhéidir leis an ndlighe teacht air: shín sé a bhuannacht chúiche: thug suas di é. An bhfuiltí, an dóigh libh, i seilbh chosanta orm: ábalta ar me do chosaint. Cé fear sealbha an tighe seo?: an té gur leis é. Chuathas chun dlighe leis agus cuireadh ó sheilbh é: pé buannacht a bhí aige nó bhí dhá éileamh aige cuireadh í ar neamhnidh.

sealbhach: *a.* do bheith i seilbh; coimeádtach; greamuightheach; maoineach; gustalach. Sasana is Mearaice ghá mhaoidheamh go mbuadhfaid an cogadh i ndeireadh na scríbe, toisc bheith chómh sealbhach agus táid: oiread gustail do bheith aca: greim ar earraidhibh chun cogaidh do chur. Sé an feirmeóir is sealbhaighe ar an dtaobh so de Chorcaigh é, faid do radhairce de leirg thalmhan aige, is tréada dá réir: is acfuinnighe: is gustalaighe. Ní fhéadfainn mo radharc do thógaint dá dhá shúil sealbhacha: súile a shughfadh chúcha duine: ná féadfá do chaoraidheacht do scaoileadh dhíobh. An bhfuilir chómh sealbhach sa tigh agus leigir ort do bheith: buannachtamhail: cos istigh: teidealach. Nílim chómh sealbhach is go bhféadfainn maoidheamh as dathad bó: níl an oiread san talmhan agam. Nách sealbhach ataoi sa chathaoir sin, fág ar an thap í: greamuightheach.

sealbhach: *f.1.* duine a bhíos i seilbh; gur leis rud éigin. Ní mise sealbhach an tighe seo: ní liom é. Is cuma dhuit-se i dtaobh cíosa ní sealbhach thu: duine gur leis nidh dá chuid féin.

sealbhach: *f.1.* rud a bhíos i seilbh dhuine. Sealbhach bó, caorach: tréada. Tá sealbhach beag éisc aca is ní mór é: adhbhar: ladhar. Seo dhuit mo shealbhach-sa, ní mór an taidhbhse atá aige ach lé croidhe glan é: cantam atá agam.

sealbhachas: *f.1.* rud fé bhuannacht; maoin; seilbh is earraidheacht. Dá mbeadh sealbhachas cóir aige budh dheacair labhairt leis: faic ina sheilbh gur bh'fhiú aon rud maith é. Éinne a bheadh i sealbhachas ceart a chéille ní ionsóchadh sé sean-bhean bhocht aonarach mar gheall ar a pingnidhibh airgid: go mbeadh i gcumas a chéille: réasún leis.

sealbhadóir: *f.3.* duine go mbeadh sealbh nó buannacht aige ar aon nidh. Mise sealbhadóir na cathaoireach: mise an té atá suidhte innte. Sealbhadóir an tighe ósta: an té gur leis é.

sealbh-chuaird: *b.2.* cuaird fhada. Déanfair sealbh-chuaird ded thurus orainn ar an neamh-fhonn imtheachta atá ort: fanfair seal fada againn.

sealbhóg: *b.2.* samhadh. Ag maireachtaint ar ghlasraidhibh is sealbhóig: go bocht.

sealbhthóir: *f.3.* sealbhaidhe, sealbhadóir. Sinne céad-sealbhthóiridhe na háite seo: an chéad dream a dhein gabháil air. Mise sealbhthóir na gcártaidhe seo, agus éileóchad iad: mise an té gur leis iad.

sealbhthóireacht: *b.3.* aiste gabhála seilbhe; greamughadh is coimeád. An amhlaidh do bheadh uait sealbhthóireacht do dhéanamh ar mo chuid leabhar: a ngreamughadh is do chuid féin do dhéanamh díobh. Chuadar chun dlighe liom chun sealbhthóireachta do dhéanamh ar mo chuid talmhan: teideal gabhála d'fhagháil air. Thug sé suas sealbhthóireacht na háite: a bhuannacht.

sealbhughadh: *f.* (*-uighthe*) do ghabháil is do chongbháil; buannacht nó teideal d'fhagháil. An ag sealbhughadh an tsuidheacháin sin ataoi?: ghá ghabháil is a choimeád. Ag sealbhughadh na teine ar a bhfuil sa tseómra: d'iarraidh an teasa ar fad do bheith aige. Tá an bás ag sealbhughadh ionat, is dona an crot atá ort: ag fagháil greama ionat. Cuireadh lucht sealbhuighthe an dúna amach tar éis catha fuiltigh: an dream a bhí ina choimeád is ghá chosaint. An bhfuil aon tsealbhughadh dhá dhéanamh ins an ait anacair úd aca: ag greamughadh ann: ag dul chun cinn ann. An breac ag sealbhughadh an bhaoite: ag fagháil greama air. Ag sealbhughadh na tíre orainn: d'iarraidh a gcoimeádta uainn.

sealbhuighim: *b.a. ₇ n-a.* greamuighim nó congabhaim dom féin. Um thráthnóna thiar tar éis bheith ar feadh an lae d'iarraidh an oileáin do bhaint amach seadh shealbhuigheadar é: fuaireadar greim air. Thug an bheirt againn fogha in aonfheacht fén sciain agus bhí sé den mhío-ádh orm gur shealbhuigh an fear eile rómham í: go rug sé greim uirthi. Shealbhuigheadar an fheirm sin ó n-a máthair tar éis a báis: fuaireadar trí oidhreacht dá gcuid í. Shealbhuigh an rón an charraig d'aindeóin na farraige a bhí ag scuabadh dá dhruim: chongaibh sé a ghreamanna uirthi. Labhair airís agus go réidh, ní shealbhuighim do chuid cainnte: níl sí léir dom. Shealbhuigh soc an chéachda sa talamh chómh doimhin sin ná féadfadh na capaill é do tharrac: chuaidh sé ceangailte. Shealbhuigh sé ar an aigne sin agus níor bh'fhéidir é d'athrughadh: do shuidhidh san in a aigne: mheádhaidh sé agus chongaibh sé mar sin. "A mbeannughadh go mbeannóchad thu, agus a méadughadh go méadóchaidh me do shíol amhail réalta nimhe, agus mar ghaineamh ar thráigh na farraige: agus sealbhóchaid do shíol geataidhe a namhad" (Gen. XXII. 17): beidh siad fé n-a gcómhacht. Má tá éinne ann a shealbhóchaidh neamh sealbhóchaidh an duine fíor-mhacánta úd é: raghaidh sé ann gan aon amhras. Nár shealbhuighidh sé aon nidh cóir mar nár mhaith an earra: ná raibh faic lé maoidheamh aige. Sealbhuigh annsan tú féin agus ná corruigh as d'éinne: daingnigh ann. "Agus muna rabhaid dearbhbhráithre ag a athair, do

bhéartaoi a oighreacht dá chómhghaol is foisge dho dá threibh, agus sealbhóchaidh sé í; agus beidh sé ina reacht breitheamhnais ag cloinn Israel, mar do aithin an Tighearna do Mhaoise" (Uimh. XXVII. 11): beidh sí fé bhuannacht aige: ar a chur féin agus fé n-a smacht.

sealbhuighthe: *a.r.* greamuighthe, congaibhthe; deimhnighthe(ach); dearbhtha. Tá an áit seo sealbhuighthe rómham, féach tá teine ann: gabhtha: táthar san ionad cheana. An dubhán chómh sealbhuighthe sin i bputóig an éisc gur bh'éigean scoltadh air: chómh dlúth-cheangailte. "Tiocfaidh sé, deirir?" – "táim sealbhuighthe air": deimhnightheach dearbhtha dhe. Tá an bás sealbhuighthe ionam, is baoghalach gur leis me: ceangailte isteach im chreat. Nách fada go bhfuil an caladh sealbhuighthe ag an mbád oidhche bhreágh mar í: go bhfuil sí tagtha i dtír. Is fada sealbhuighthe ina scéal fíor é: dearbhuighthe: cruthuighthe.

sealg: (**seilg**) *b.2.* d'fhiadhach, d'iascach, do lorg, do thóraidheacht; fiadhach; iascach; an méid a bhíos tar éis fiadhaigh nó iascaigh; an bhreith. Na hoidhcheanta fuara, fiadhaine seo ag sealg ar bholg na farraige: ar lorg éisc. Mara bhfuil de sheilg agat ach an dá slibire bric sin tar éis do lae níor bh'fhiú dhuit dul ag iascach in ao'chor: de thoradh iascaigh. "Ag seilg dúinn ar maidin cheóigh/ ar imeall-bhórdaibh Locha Léin/ mar a raibh crainn chumhra budh mhílse bláth/ is ceól gach tráth go binn ag éin": ag tóraidheacht fiadh, etc. Dhá chúirliún agus trí pilibínidhe mídhg a shealg i rith an lae ag fiadhach: an méid a bhí lámhachta aige. Tigh ar an bhfán an tigh ná bíonn sealg de shaghas éigin ag teacht ann: rud ó fharraige nó ó shliabh. Téighimís ag sealg: ar thóraidheacht éan, ainmhidhthe fiadhaine nó éisc. Fear maith seilge atá pósta aice: soláthraidhe maith. "Iolar sléibhe, caol-chruit ceóil/ is seabhac na seilge ó Sceilg na seól": seabhac (gorm) oilte chun éanlaithe do ghabháil. An rinnis lá maith seilge?: an raibh cuid mhaith dá bharr agat? Tá fonn seilge is fiadhaigh indiu orm: fonn dul i gcóir ruda agus a bheith agam.

sealgach: *a.* tugtha do sheilg; ag baint leis an seilg. Duine sealgach seadh é, dá mbeadh obair lé fagháil in aon áit bhainfeadh sé amach í: cuarduightheach, loirgtheach. Tá lá sealgach agat air: lá ar a lorg: callóideach ar lorg. Ná bí sealgach ar sráid, tair abhaile nuair bheidh do chúram déanta: bheith ag sráideóireacht. Is sealgaighe go mór amuigh é 'ná éinne ar m'aithne: is mó chuireann sé roimis rud do sholáthar.

sealgaim: *b.a.* fiadhuighim; tóruighim. Do shealg sí go maith, agus féach ar leig sí uaithi ach an oiread é: thóruigh go dtí go bhfuair greim pósta. Shealgóchadh sé go hifreann é níos túisce 'ná leigfeadh sé uaidh: thóróchadh: leanfadh é chun sásaimh do bhaint de.

sealgaire: *f.4.* fiadhaidhe, soláthraidhe, cnuasuightheóir. Sealgaire maith madra dho féin é sin, pé áit go mbeadh greim lé fagháil bheadh sé aige: madra maith seilge. An fiach mara a théigheas ar abhainn isteach go lár na dúthaighe ag lorg a choda cé déarfaidh nách sealgaire maith é: fiadhaire: soláthraidhe. Sealgaire maith gunna seadh é, ní mór an nath aige naoscach do threascairt: lámhachadóir. Muinntir Chlochair na sealgairidhe is fearr ar an gcósta: an dream is fearr chun beartha ar iasc. Cam nó díreach beidh rud éigin i gcómhnaidhe ag an sealgaire úd, ní fhágann sé árd ná íseal gan cuardach: duine a bhíos ag síor-bhailiughadh. "Budh mhór an fear fiadhaigh é i láthair an Tighearna, uime sin

adubhradh, eadhon amhail Nimrod an sealgaire mór i láthair an Tighearna" (Gen. X. 9): fear a mharbhuigheadh ainmhidhthe féin.

sealgaireacht: *b.3.* fiadhach, tóraidheacht, beart an fhiadhaidhe. Ní mór an tsealgaireacht im chroidhe anois ní mór ná go bhfuil mo sheal tugtha: ní mór an mhaith chun soláthair ná bailighthe chun tighe me. Ag sealgaireacht ó thigh go tigh óil, sin mar chaitheann sé furmhór a shaoghail: ag triall ó cheann go ceann is ag tnúth lé digh ó dhaoinibh eile. Deirtear gur ar shealgaireacht is mó do mhaireadh ár sínsear: ar fhiadhach ainmhidhthe fiadhaine lé n-a gcothughadh.

seallach: *f.1.* an t-iománaidhe ar an gclaidhe, fear féachta, fíné súl. Dearbhuighim i láthair Dé gur seallach ar an gcoir me, chonnac lém dhá shúil dhá dhéanamh í: fíné súl. Báthadh é gan seallach dá amharc: gan neach láithreach. Cainnt an domhain do bhíonn choidhche ag an seallach, cad ná déanfadh sé dá mbeadh féin ag imirt: iománaidhe ar chlaidhe.

sealladh: *f.1.* (**silleadh**) féachaint, amharc. Ar shealladh súl dá dtug sé siar fén bhfarraige thug sé chun cruinnis dúradán ag bun na spéire: dearcadh. Is aoibhinn an sealladh súl lé buidhiughadh gréine ó Cheann Sraithe: scéim iongtach farraige agus talmhan.

séalughadh: *f.* (*-uighthe*) caolughadh ó, éalódh, éagadh, ceileabhradh, scagadh. Scoilt éigin i dtóin an tsoithigh go bhfuil gach aon nidh ag séalughadh thríd: ag sileadh: éalódh. In aghaidh an lae bhí sé ag séalughadh leis is gan a fhios aige: ag ceileabhradh: ag dul chun deiridh. Ag séalughadh leis mar bheadh an choinneal: ag caitheamh go mall ach go dearbhtha. An sionnach ag séalughadh leis go glic ameasc na gcloch: ag caolughadh: ghá ghoid féin. An Ghaedhealaing is baoghal liom ag séalughadh sa pharróiste, níl sí ach ag na seandaoinibh: ag bailiughadh léi i slighe ná téarnóchaidh sí.

séalughadh: *f.* (*-uighthe*) cómharthughadh, do chur séala ar. An bás ag séalughadh mo shul-sa, mhuis, an lá a leigfead mo chuid uaim lé neach ar bith: do dhúnadh go dlúth. Séalughadh mo ghrádha dhuit an phóg san: cómhartha dearbhtha. Ó, a Mhuire, is cruinn an mac dá athair é, tá a shéalughadh ar gach pioc de: a chómhartha. Ag bailiughadh na ndamh chun a séaluighthe ar a n-adhairc, chun a gcosanta ar dhul as aithne: chun cómháirighthe do chur ortha. Tar éis síghnighthe agus séaluighthe an mhargaidh chroitheadar lámh go síothach, grádhach: an cómhartha cómhachta nó ceannais do chur air i dteannta a n-ainme.

séaluighim: *b.a. 7 n-a.* scagaim, éaluighim, ceileabhraim, caoluighim liom, tairngim. Shéaluigh an caifí trí stráinín ón siopa nó mín-éadach scagadh: scar an deoch ón ndríodar nó ón salachar. An dá liathróidín sin sa chadhnradh fhliuch séaluighid nuair bhíonn an bhrigh caithte ann: tuitid síos ar tóin. Chár shéaluighis as súd amach ná feacaidh éinne thu?: cár éaluighis? Shéaluigheadar isteach ar nós na mbitheamhnach gan oiread agus iad do bhraithstint: shleamhnuigheadar gan braith gan feicsint. Séalóchaidh sé thuas annsúd ina aonar i mbun an chnuic, is amhlaidh gheóbhfar marbh ann é: ceileabharfaidh is gheóbhaidh bás. Shéaluigh sé is é ina chodladh: d'éag sé. Séalóchaidh do shaoghal uait gan aon chríoch do chur ort féin mara bhféachair rómhat in am: éalóchaidh sé uait mar

ghainnimh tríd ladhrachaibh. Ní shéalóchaidh an té i gceart gan spré do chur fé: ní thairngeóchaidh sé.

séaluighim: *b.a.* cómharthuighim, marcálaim; dearbhuighim. Is é a shéaluigh a bhás éirghe as a leabaidh bhreóitighe agus dul amach fén bhfuacht: a dhearbhuigh é: a dhein deimhin de. Shéaluigh an t-aire an scríbhinn: chuir sé a chómhartha nó stampa ceannais uirthe. Tá an t-airgead agam-sa, is an earra agat-sa, ná séaluigheann san é?: críochnuigheann ina mhargadh: socruigheann. Séaluigh do bheóla, is ná bíodh drundum asat lé neach beo: dún go dlúth é. An tslighe a shéaluigheadh sé an lá do bheith istigh aige chuireadh sé eag ar bhata: a chómharthuigheadh sé. "Ach tusa, a Dhainéil, iaidh suas na briathra agus séaluigh an leabhar, eadhon go ham an deiridh: riothfuid mórán síos agus suas, agus méideóchthar an t-eólas" (Dan. XII. 4): dún go fáiscithe. Séalóchaidh an diail do féin é: cómharthóchaidh: marcálfaidh.

séaluighthe: *a.r.* scagtha, tairngthe, éaluighthe, ceileabhartha, éagtha. Is féidir an bainne d'ól anois, tá sé séaluighthe: an salachar scagtha as. Soitheach séaluighthe fé mhaidean a bheidh ann: diúgtha: ní bheidh braon ann ná go mbeidh ólta.

séaluighthe: *a.r.* cómharthuighthe, marcálta. Bosca séaluighthe dob é agus budh dheacair teacht air gan rian bradaidheachta d'fhágaint air: daingnighthe fé chómhartha áirighthe. Mála séaluighthe na leitreach: fáisceán is cómhartha speisialta air.

seama: *f.4.* carbhall, rádh, ráiméis. Más Gaedhealaing atá uait téighir chuige gheóbhair seamanna an domhain uile uaidh: cainnteanna mar seanfhocail: a bhíos ag tagairt go gonta do rudaidhibh. Cuir uait na seamanna is déin rud éigin: cainteanna gleóidhte, mealltacha. "Cuir uait", ar seise leis, "do chuid seamanna liom-sa, mar ná creidim go bhfuil aon éileamh agat orm": cainnt mheala, mhealltach. "Nách breágh an cainnteóir é?" – "ní thaithnigheann a chuid seamanna liom": giotaidhe plámásacha cainnte. Seamanna is fearr atá agat: cainnteanna a thaidhbhsigheas níos fearr 'ná mar bhíonn bun leó. Níl sé i ndáiríribh in ao'chor, seamanna magaidh iad san a bhíonn aige sin liom-sa: carbhaill chun seóidh is gleáchais do bheith aige asam. A raibh de sheamannaibh ges na sean-daoinibh táid istigh ina cheann aige: cainnteanna is carbhaill a bhaineas leis na sean-ughdaraibh. "Cad a bhí ar siubhal aige?" – "faic ach seamanna": trácht ar an rud so ar an rud úd gan bun: fastaoim. Ní fhéadfainn foidhneamh in ao'chor leis, chuala na seamanna céadna míle uair cheana: an leamh-aithris chéadna: seóraidhe.

seamaire: *f.4.* dias amháin den nduileasc. Seamairidhe crón-dhearga duilisc.

seamhair: *b.5.* maitheas, gus, fola, brigh, suim, mian. Níor bh'fhearr dhuit rud do dhéanfá ná béal ciúin do bheith ina thaobh agat, cad é an tseamhair bheith ag síor-thagairt do?: cad maith?: cad bheith dá bharr? Crann gan sugh gan seamhair seadh atá feóidhte annsan leis na ciantaibh: tirim gan gus. Dá mbeadh aon tseamhair agam ar dhul ann, rud ná raibh, cé a bhí i mbun me do chosc?: fonn nó suim dulta. Ní fheadar cad é an saghas duine é, níl aon tseamhair in aon rud aige, ní théigheann sé ar rinnce, rás ná caitheamh aimsire: suim caitheamh i ndiaidh. Ní haon tseamhair duit é seo do bhreith leat, tá sé i bhfad ró-bheag: aon mhaith: aon bhail. Tar éis na báistighe go léir níl seamhair ar bith sa

bhféar: scamhárd. Cad é an tseamhair an beagán airgid seo i gcóir turusa chómh fada leis: cabhair: maith.

Séamas: *f.1.* ainm duine. Rí Séamas .i. Séamas an chaca a chaill Éire!: tagairt do bhriseadh na Bóinne is iomchar Rí Shéamais ann. Saighdiúiridhe Shéamais an chaca .i. gan mhaith. "Is tú Séamas a'chaca i gceart", deirtear lé duine gan mhaith. Dá olcas é Séamas is measa bheith ina éaghmais: dá oilceas rud a bheadh ag duine is fearr é ná bheith dá cheal.

seamlasc: *f.1.* salachar, bréantas, brocamas, moirt, trufais, eanglais. Níl tigh seamlaisc as so go dtí é, ní fhéadfá do shrón do chur thar doras ann ag boladh: bréantas salachair. Ná bí ag druideam uaim níl aon tseamlasc orm, ní shaileóchad thu: salachar: teimheal. Barra mo theangan ní fhéadfainn do bhualadh ar an digh sin, níl innte ach seamlasc: deoch leamh, domblasta. Scuab uait an seamlasc san nó saileóchadh sé thu: smúit, salachar.

seámra: *f.4.* seómra [ar aon bhaile amháin atá an focal so coitchianta].

seamhrach: *a.* bríoghmhar dá aos; beódha, croidheach, sláinteamhail; niamhair, gasta, (díreach mar an focal "petite"), taithneamhach gan bheith groidhe. Níl aon chúis ghearáin aige, tá sé go seamhrach: go maith ina shláinte. Is í atá go seamhrach fós cé gur iomdha lá aoise aice: sláinteamhail, beódha, anamamhail. Seáinín seamhrach is é i gcómhnaidhe é: lán de mheidhir. Nách seamhrach atá sí thuas sa chúinne: niamhair, gasta. Is seamhrach a chuireann sí chun rud do dhéanamh: go gasta, gleóidhte, clódhchaiseach nách mór. "Connus tá agat?" – "ag déanamh go seamhrach": go subháilceach, sásta. Tá sé ar a chúilín tseamhrach anois, gach aon rud ar a thoil aige: ar a shástacht: ar aiste shubháilceach gan mairg ar bith. Lé haon rud a thaithneóchadh leis an súil déarfí "tá sé go seamhrach".

seamróg: *b.2.* plannda go bhfuil trí duilleabhair (cluasa) i ndéanamh an chroidhe air. Lá na seamróige: lá féile Phádraig. Gan seamróg na gceithre gcluas do bheith aige aon dul ní bheadh aige ar é d'fhagháil: creidtear gur cómhartha áidh í d'fhagháil gan bheith ar a lorg. Fliuchaimís an tseamróg: ólaimís braon in onóir Lae Féile Phádraig. Talamh go bhfuil seamróg tríd aníos é: cómhartha go bhfuil sé go maith.

seamrógach: *a.* lán de sheamróig. Páirc sheamrógach .i. go bhféar milis, saidhbhir.

seamsa: *f.4.* feadán na méar ar an bpíb; an phiac; feam.

seamsán: *f.1.* crónán, monabar, glór íseal cómhnaidhtheach. Seamsán an eitealláin ós mo chionn: glór an innill. Fiú amháin ist oidhche do bhíodh seamsán an mhuilinn im chluasaibh: an glór a dheineadh an t-inneallradh i rith an lae.

seamsúir: *f.3.* feadán na bpoll (san bpíb) a ghníos an ceól; an phiac.

sean: *a.* aosta, seanda. Is é a deireadh na daoine seana ná gur chómhfhaid lá agus oidhche um Féile Phádraig: na daoine a tháinig rómhainn is atá imthighthe anois. Caith chun an

mhadra an t-arán sean san: stálaithe. “Adeir galar gan chasadh go leagaidh mo cháirde/ cheangail go bráth mé lé hárrachtach sean”: fuadh chrannda dhuine, ársa. Is mithid di triall abhaile tá sé chómh sean leis an gceóidh: aosta ar fad. Deoch sean í seo, tá suiméar innte caith siar: foirfe, aibidh. Is sine mise fós ar an ngunna ná thu: is mó mo thaithighe agus m’eólas. Is sine mise tímcheall ban ná thu: is mó mo thaithighe ortha. An tusa is sine clann: go bhfuil clann níos aosta agat ná mar tá ag a thuilleadh. Mo thruagh mo chnámha seana: atá dulta in aois is i dtruime. Níl sé sean ná nuadh agam: mar seo ná mar siúd. Mo ghradhain do cheann sean: eólgaiseach.

sean: *f.1.* seanóir, duine aosta, sinsear, duine ársa; aon rud aosta nó foirfe. Is mar an chéile iad sa tigh seo, idir óg is shean, díomhaoin, fuairthéach: aosta. Ní seamlasc a ólaid siúd ach sean gach dighe. Cá rabhais lé fada riamh? ní fheacamair ó ré na sean thu: lé tréimhse an-fhada. I ré na sean bhí fir annso agus níor chosamhail iad leis na spreasánaibh atá ann anois: aimsir ár muinntire. “Leanfad-sa an t-ár id pháirt ar an sean”: na seanóiridhe. Níl éinne istigh indiu, ach an chlann, tá sean an tighe as baile: an lánamha aosta. Budh dhual duit bheith go maith ód shean is ód shínsear: ó gach duine a tháinig rómhat. Bíodh an nuadh agat-sa beidh an sean agam-sa: an rud is aosta. Budh dheacair an ball do chur ar an sean maidir lé géarchúis: iad so tháinig rómhainn.

sean-: *i gcfbh.* aosta, ársa, foirfe; caithte, stálaithe; géar, gnáth; mí-mheastach. Dá mbeadh mo shean-bhean istigh (lé greann): mo chéile. Ní fhéadfá féin, t’athair, ná do shean-athair é do dhéanamh: athair t’athar. Níl aon bhaoghal orm-sa ina thaobh san, tá sean-aithne agam air: aithne mhaith nó lé fada. Dá mbeadh sean-aithne agat ar an áit mar tá agam-sa, d’fhanfá uaidh: aithne trí mhórán taithighe. Feach rian an teallachais fós ann, bhítheas chun cómhnaidhthe ann san tsean-aimsir: sean-racht: fadó. Chaitheamair smut maith den oidhche ag sean-aimsireacht: ag trácht ar an saoghal atá imthighthe. B’fhiú dhuit rudaidhe do bhreacadh síos uaidh, tá an seódh sean-aimsireachta aige: trácht is cunntas ar an saoghal. Níl áit ar bith mar an sean-áit: an áit dúthchais: an áit is dual do dhuine. Aon truagh ní bheadh aige dhuit, an tíoránach, ach an oiread lé sean-asal: asal aosta, claoidhte: gan puinn measa. Maran b’é am do ina shean-aois é bheith ag pósadh: go hárd is go trom ins na bliadhantaibh. Gheóbhfá do dhóthain sean-aighnis uaidh, ach ní bhfaghfá puinn eile: cabaireacht. Budh mhaith liom turus do thabhairt ar an sean-áit lá éigin chun na sean-aghtha d’fheicsint uair amháin eile: na daoine a bhí ar m’aitheantas tráth. Níor chaill sé an tsean-aicillidheacht fós: an aicillidheacht budh dhual do. Fanaimís ar na sean-achtaibh, ní fiú dhúinn bheith ag déanamh athruighthe anois: ar na hachtaibh budh ghnáth. Bhí sean-adhbhar aca chun a chéile: réasún nách ón lá indiu ná ó indé. Is í an tsean-agairt agat ar na daoinibh í: ag baint síor-chúiteamh asta: do shíor ghá bpianadh is ghá gciapadh. Ní haibidh in ao’chor atá na hubhla san ach sean-aibidh: aibidh go hiomlán agus lé tamall. Ní fhágfaidh sean-aicíd na dighe (na mban, an chraois, na gadaidheachta, etc.) go deó é: atá ann lé fada. Ar ór na cruinne ní phósfainn an tsean-ailp: cnapán mór duine ná bíonn ró-mhaitheasach. An tsean-aindeise ní scarfaidh go deo leis: gnáth-iomard éigin: droch-ádh os a chionn gan scur. Sean-ainm í sin orm: atá orm lé fada. Is fuath liom sean-ainmeacha do thabhairt ar neach: ainmeacha mío-mheastacha. Má fuair duine riamh sean-aire tá sí fachta aige: aire thar barr. Ins an tigh sin chloisinn go raibh sean-airgead riamh: a bhí curtha lé chéile lé fada. Féach, tá sean-airgeadaidhe sa leabhar so ort: sean-fhiacha. Sean-aitheantas dom é sin, bhuaileamair lé chéile dathad bliadhain ó

shoin: duine go bhfuil coidreamh lé fada eadrainn. Mórán sean-amhrán caillte choidhche anois an uair nár bailigheadh iad: amhráin cumtha lé fada riamh. Ná bíodh aon fhaitchíos im thaobh ort, ar theacht don lá gheóbhair amach go bhfuil an sean-anam céadna fós ionam. Ná cuir a thuilleadh uisce ann tá sé sean-bhaistighthe agat: báidhte ó thalamh leis. "An bhfuilir briste?" – "táim, a chroidhe, agus sean-bhriste": amach agus amach. Éirigh as, tá sé sean-bheag agat: ní gábhadh dhuit a thuilleadh luighead do chur air. Caithidh chughaibh an biadh seo, tá sé sean-bheirbhthe: breis agus beirbhthe a dhóthain mór. Fuair an tsean-bheirt bás fadó riamh: an tsean-lánamha. Bead-sa in aonfheacht lém shean-bheirt féin is iad is fearr liom: iad so go bhfuil taithighe agam ortha. An bhfuair an sean-bhuachaill bás fós: seanduine an tighe. An sean-bhuachaill féin níl maith do dhóthain duit: an diabhal. Tógaidh mo chómhairle, éirighidh aiste mar argóint, táthaoi dulta chun sean-bhróg uirthi: ró-fhada ar fad. A shean-bhitheamhnaigh, dá bhfaghainn greim ort níor bh'fhearrde thu: atá mar sin lé fada gan aon fheabhas. An tsean-bhodhaire atá uirthi ná cloiseann sí thu: béas bheith ag dúmas bodhaire: gnáth-bhodhaire: bodhaire imchian. É féin agus a sean-bholg salach maran beag aige náire do thabhairt do féin leis: ceann gurb é an béas céadna i gcómhnaidhe aige é. "An sean-bhráca go deó deo", is osna ann ars an fear go raibh a chroidhe 'sa shláinte briste ag an saoghal: an gnáth-iomard atá ann leis na ciantaibh. "Dá bhfaghainn lá breágh chuige" – "is é an 'sean-bhreágh' agat é!" .i. i gcómhnaidhe ag cainnt air agus ag déanamh leathscéil de. "Táim briste indiu" – "is é an 'sean-bhriste' agat é" .i. do shíor ag tagairt don rud chéadna. Cloisim a shean-bhéic, bíodh muinghin agaibh as: an ghnáth-bhéic lé linn bearta. An sean-bhleaigeárd, ná creid focal uaidh: ceann críochnuighthe. Ní gábhadh dhuit bheith ag teicheadh in ao'chor uaim, níl aon tsean-bholadh uaim!: dreóighte, múscánach. Tiocfaidh an lá ar mh'anam, agus ní fada go dtí san nuair ná gheóbhair aon tsean-bhlas ar a leithéid sin d'arán: blas míothaithneamhach. Ní bhfaghaid ach sean-bhlas ar mo chuid oibre-se breis ar obair éinne eile: mí-mheas: míothaithneamh lé n-a críochnughadh. Ní bhfaghaim aon tsean-bhlas ar do chuid chainnte: ní bhfaghaim aon rud ag bainnt léi a chuirfeadh míghnaoi orm. Sean-bhlas é seo, ná fuil sé aige féin ar nós an tsionnaigh fadó: dísbeagadh, tarcuisne lé formad. "Cad a bhí indiu air?" – "na sean-bhalcaisidhe": an sean-éadach is gnáthach leis air. "Tabharfad cabhair duit, ná bíodh eagla ort" – "is í an tsean-chabhair í": ní hé seo an chéad uair agat ag geallamhaint gan cóimhlíonadh. Cá bhfuil an tsean-chailleach?: bean an-aosta: bean ró-neamh-maitheasach. An maireann an sean-choileach fós?: seanduine ná bíonn taithneamh do. Cuir uaim an tsean-chainnt, ach déin rud éigin: cainnt gan puinn deallraimh. An tsean-chainnt chéadna ag maoidheamh cad ná déanfaidh sé: an rud céadna ar siubhal gan aon staonadh. Sean-cháirde sinne, is deacair teacht eadrainn .i. táimíd in ár gcáirdibh lé fada. Sean-cháirde rogha: na daoine go raibh muinnteardhas againn leó i dtosach is fearr. Is mithid dos na brógaibh céadna do bheith sean-chaithte: caithte amach lé fada nó gan puinn díobh do bheith ann um an dtaca. Ní fhágfaidh an tsean-cheasnaidhe choidhche é, aon fhaoiseamh ní bhfaghann sé uaithi: cómhnaidhtheach. Ar a shean-chéird do airís, cloisim, ag goid ar dalladh: ar an rud a chleacht sé ar dtúis agus go dúlmhar. Tá sé ag cur sean-chortha im leith: iad so a bhí dearmhadta, cúitighthe nó dul i bhfuaire. Ar mh'anam ach gurb í atá go sean-chíortha: glanta, scuabtha, cíortha, gléasta. Ní dóigh liom go ndéanfaidh sé sean-chnámha choidhche: go mairfidh lé n-a chnámhaibh do bheith caithte. Táir ró-shean-chríonna don ngearrchaile úd, ní bheadh aon ghnóth aice id chómhluadar: breis ghliocais is chlisteachta innte chun do sháruighthe má budh mhian léi. De gharsún óg sean-chríonacht ar fad seadh é, budh dheas liom an té a bhuailfeadh an

bob air: gaois agus aire. Gheibhim an sean-chineál i gcómhnaidhe uaidh: an chneastacht agus an cheannúireacht do fuaireas riamh. An sean-chrot céadna choidhche gan aon athrughadh: an crot ó thúis. Ar an sean-chlódh éadaigh atá anois air ní fhéadfadh sé gan bheith árd-bhocht: clódh ná fuil aon an-chuma air: caithte, críon. Cloisim go bhfuil na sean-chleasa ar bun airís aige: na cleasa áirighthe a chleacht sé seal roime sin. Is éachtach ar fad an tsean-chuimhne atá aige, chuirfeadh sé síos duit ar an uile rud a thárla is é ina leanbh. Sean-chómharsain sinn cad n-a thaobh ná beadh sean-choidreamh againn ar a chéile: is fada sinn ag maireachtaint cómhgharach dá chéile. Sean-churadóireacht a bhí déanta ar an ngort: é bheith curtha lé tamall fada. Tá san cloiste sean-chloiste agam, ach sin a gcuirim de nath ann: cloiste go mion, minic. Ní cráidhte in ao'chor atáim aige ach sean-chráidhte: cráidhte ó chroidhe. Sean-chluanaire é sin, nuair budh dhóigh leat ar a chuid cainnte é do bheith ag gabháil soir ag gabháil siar do bhíonn sé: ceann cliste aca: máighistir ar fad. Cé imreóchadh leis na sean-chártaidhe seo?: rudaidhe gan puinn maitheasa. Casóg ar an sean-chlódh atá air: gearrtha, déanta mar budh ghnáth fadó. Maran b'é an sean-chuardach aca é ag lorg gunnaidhe in áit ná fuilid: ath-chuardach ar an gcuma gcéadna ó am go ham. Ní mór an t-iasc ann is baoghalach tá an ball sean-chuarduighthe: cuarduighthe go maith agus go minic. Beidh sé déidheannach sara sroichfead an sean-Dhaingean: sean-bhaile an Daingin. Muinghin mo chroidhe agam-sa as an sean-dhúthracht atá san bhfear san: dúthracht gur féidir seasamh uirthi. Ní raibh ár sean-duine istigh in ao'chor ar an uain: ár n-athair. Tóg cómhairle sean-duine: duine go mbeadh cuid mhaith dá aos tagtha. Deireadh na sean-daoine é agus bhíodh fuaimeant leo: ár sinsear. Nílimíd 'nár sean-duinidhibh fós .i. an uile dhuine againn fé leith. Sean-duinidhe a bhfuil sa tigh: daoine aosta: tá an t-aos tagtha ortha. Ní bhfaghadh éinne choidhche faic as chrúcaidhibh an tsean-dhiabhail sin: cníopaire cruaidh. Is mithid duit bheith sean-dhóighte ag an dteine sin, druid siar uaithe: téadhamhuighthe go binn. Táim sean-dhíomhaoin lé coighcíos, aon rud a chum ná a cheap Dia níl lé déanamh agam: díomhaoin amach agus amach. Ní thógainn aon cheann de n-a chuid cainnte sin, táim sean-dheánta air féin is ar a chuid geámaidhe: eólgaiseach lé fada an lá ar na geámaidhibh a bhíos fé. Budh dhóigh leat gur sean-draoi a bheadh ag cainnt leis gach aon fhocal a thagas amach as bhéal an leinbh sin: fáidh, duine eolgaiseach. Deirtear lé duine ná beadh ró-chrotamhail agus go dtiocfadh cainnt ghéar uaidh, is tú an sean-draoi agam: duine go mbeadh eolas diamhair aige. Sean-dlighe againn sa tigh seo gan éirghe go ró-mhoch: béas atá ann lé fada agus a cóimhlíontar. Is furaiste aithint go bhfuil an sean-dream imthighthe is a rádh go lamháltar bheith ag gabháil lastuas de dhaoinibh ar an gcuma so: na daoine a tháinig rómhainn. Caith dhíot an sean-éadach san, is ná feiceadh éinne ort é: éadach atá i bhfad déanta nó ar caitheamh, agus a rian air. Tá sean-eascaine ar an dtigh sin ná héirigheann lé héinne ann: le tréimhse fada ná fágann é. Ar imthigh an sean-éileamh fós de?: an cion a bhí aige ar mhnaoi áirighthe éigin seal mór ó shoin. Ná bíodh aon eagla ort go raghaidh sí siúd amudha in ao'chor sean-éan amuigh seadh í: duine go bhfuil eólas trí thaithighe ar an mbealach aice. Sean-earraidhe atá ar láimh lé fios cathain dhá dhíol go saor anois: atá i bhfad istigh. "Is fearr sean-fhiacha ná sean-fholaidhe": is fusaide dho dhuine bheith i lúib chách i dtaobh fiach, dá fhaid é, 'ná droch-aigne do chothughadh do dhuine. Níor fhág an sean-fhocal oiread amuigh: cainnt choitcheann ársa, bunuighthe ar thaithighe is eolas. Tá sé chómh sean-fhoclach is tá ar m'eólas: mórchuid de ráidhthibh géara aige. Na daoine atá annso anois ní hiad sliocht na sean-fhóirne iad: an dream bunaidh a bhí ann. Ón gcéad lá do luigheadar lé n-a chéile níor scar an sean-fhoireann so:

dream i bhfóireamh a chéile lé fada riamh. Ní scarfaidh an tsean-fhéachaint choidhche leis: deallramh fiadhain nó neamh-choitcheann atá air lé fada. Sean-fhuacht éigin atá ceangailte isteach ina chrathachaibh is nách féidir do ruagadh: fuacht a bhuail cianta ó shoin é. Ní headh gurb é an sean-fhuadar atá airís fé?: é bheith ar aigne rud éigin do dhéanamh airís ná fuil ró-thaithneamhach ná inmhianta. Cé hiad na sean-phréacha atá sa cheanntar so?: na daoine gur féidir leó a éileamh go raibh a sínsear annso fadó. Lé fada riamh níor dheineadar oiread is beannughadh do dhuine, níl aon mhaolughadh ar an sean-fhuath: droch-aigne agus mío-thaithneamh na gcianta. Tráth bhí deich dtighthe agus dathad ann, anois níl ann ach sean-fhothracha: tógála tuitithe i ngabhal a chéile lé fada an lá. Sé an sean-fhormad agat leis na daoinibh é, is mór leat sinn do bheith in ár mbeathaidh: tnúth ná fágann choidhche. Tairng tú féin tríd an siopa, caith dhíot an tsean-ghabháil sin: culaith atá aosta, caithte. Ar fheabhas atá an slabhradh san tá sé sean-ghabhtha agat: gabhtha go maith, gan locht. Ar scar an sean-ghadrach lé pinginn dá chuid riamh?: duine árd-righin, ceanamhail ar a chuid. Is subháilceach an bhean í, an sean-gháire céadna go deo, deo aice trí gach saoghal: gnáth-gháire sultmhar. Mara chéile choidhche dho, na sean-ghothaidhe, cad ná déanfadh sé, agus ná tagann faic: an dúmas is an teasbánadh budh dhual do. Sean-ghoin go bhfuil sé chómh bacach san uaithi: ceann a fuair sé bliadhanta ó shoin. Éistidh leis an sean-ghiúistís, is aige atá an t-eólas ar dhlighe, dar leis: duine a bhíos ag scrúdughadh na dlighe do n-a thuilleadh. B'fhearr liom bheith dathad míle i bhfarraige 'ná aon choidreamh do bheith agam leis an sean-ghrúnca: duine sprionnlaithe, cnáimhseánach. Beidh an sean-ghreim choidhche aige ar an airgead go scarfaidh an bás leis é: greim is cion an airicigh. An sean-imtheacht céadna go deó deó fé ar gach aonnidh: an clódh is an chuma gan aon athrughadh. Tabhair an tsean-imirt indiu uait, is ní bheidh baoghal ort: an imirt go rabhais áitrighthe ina thaobh. Tuilleann an sean-laoch meas agus onóir na ndaoine: duine isteach san aois go bhfuil bearta móra déanta aige. B'fhearrde an talamh go mbeadh sean-leasughadh air: leasughadh i dteannta an ghnáth-leasuighthe lé tréimhse. Talamh sean-leasuighthe: tamall sara gcuirtear é. Bheadh mo sean-chroidhe bocht sásta dá mbeinn ar an sean-láthair airís: an áit gur thaithighe liom nó in ar rugadh me. Barránach sean-léigheanta é sin tabhair aire dhuit féin air: léigheanta go cliste, glic, gasta do féin. Gheibheann sé na sean-lochtaidhe céadna ar gach nduine: lochtaidhe is gnáth leis do chur i leith na coitchiantachta. Gheóbhair aon lá san tsean-ghnáthóig é féin is a shean-leacaidhthe: ins an ngnáthóig sheasamhaigh i bhfochair a ghnáth-chomrádaidhthe. Is fada siar cuimhne do shean-mháthar agat, a bheith ar lorg an ruda san tar éis stára bliadhan: máthair a mháthar. Brathaim mo sean-mháillidhe chómh tinn sin indiu: mo bhaill beatha ná fuil ró-mhaith lé haois. Mar deireadh an sean-mháighistir ar scoil linn: an té a bhí roimis an bhfear láithreach ann. Sean-mháchailidhe na gile gréine a bhíonn air seachas duine ar bith eile nuair theastuigheann uaidh leathscéal do dhéanamh: gearánta ós na ciantaibh. Ná bíodh aon eagla ort ná go bhfoillseóchaidh súd ina fhear, tá an sean-mhianach ann: tréithe maithe na ndaoine a tháinig roimis. Ní mór an mhaith anois ann, tá sean-mheirg tagaithe ar a theangain: neamh-líomhthacht trí neamh-áis. An scannradh is mó a rug riamh orm ná gearrfadh an tsean-mheilit scine an téad, is go sughfaí síos me: scian gan aon tsaghas maitheasa: caithte, maol. Á, tuig go raibh sean-mhuirear orm nuair phósas an bhean so: muirear lé mnaoi eile. Mo ghradhain thu, a chomhaill na sean-mhuinntire: duine a ghníos díreach dréir mar is dual agus dúthchas do. Sean-mhóin nách móin na bliadhna so. Budh mhór an luadhach ó Dhia smut den sean-mhustar do bhaint de: an tóirtéis atá riamh air. Is minic sean-mhínighthe agam

do gur chóir do aire do thabhairt do féin: curtha go mion agus go soiléir os a chómhair agam. Fágfar ina sean-mhaighdin í mara luathuigheann sí pósadh: fanamhaint ina mnaoi aontumha i rith a saoghail. Sean-namhaid agam-sa na dathacha so: iad do bheith agam leis na ciantaibh. An t-ól a shean-namhaid: an rud is mó a ghníos a dhíoghbháil agus gur deacra dho fanacht uaidh. Is beag a chidhfeá ar thórramh ná sochraid anois, níl an tsean-nádúir ins na daoinibh: a bhíodh ina muinntir rómpa. Ní chuimhnighim in ao'chor air dho, tá sé sean-mhaithte agam: maithte fadó riamh. Cá bhfuil cuimhne na ndaoine ar do sean-mhaitheasaidhibh?: na baileanna a chuiris léd linn ortha. Lán an mhála de shean-nathannaibh ag an ngarsún úd ós na sean-daoinibh ina thímcheall: ráidhte is carbhaill ón aimsir fadó. Is minic a bhí fear maith i sean-bhríste: ná tabhair breith ar an leabhar go n-osclair é. Na sean-nósa luaithreach ar an gcuradóireacht oidhche Bhealtaine, bualadh na ballóige ar an ndoras oidhche na Coda Móire agus a lán eile ag fagháil bháis: béasa budh ghnáth ag daoinibh fadó. Chualamair cheana é mar scéal, tá sé ina shean-nuadhacht annso: rud atá cloiste lé tamall maith. An dtagann na sean-néallacha feirge fós air?: taomacha troma go mbíodh sé claon leó. Táim sean-oilte ar a gheámaidhibh sin, ní chuirim ach beag-shuim in aon rud adeir sé nó a dhéineann sé: taithighe iomlán agam air. Sean-oireamhaintidhe céachda atá as seal lé fada: rudaidhe ná hoirfeadh in ao'chor anois. Sean-oirnéisidhe luachmhara ar fad atá dhá dhíol sa siopaidhe úd: troscán, etc., go bhfuil aois mhór aca. "Connus tá sé?" – "an sean-olcas": gan feabhas ar bith. Ar an sean-órdughadh céadna, gan aon athrughadh: an chuma is an gníomh a bhí i gcómhnaidhe fé. "Sé an sean-phósadh aige é", lé duine go mbítear ag trácht air nó é féin i dtaobh pósta is ná tárluigheann. Sean-phoc gabhair ná coimeádfadh arm an ríogh as foghail: ceann an-aosta gur deacair comhthrom do bhaint de. An tsean-phaidear, an bhochtnacht, ina bhéal ó Luan Satharn: an cáiseamh céadna. Cuir uait, is deacair an sean-rádh do shárughadh: an chainnt chómhgarach atá ar siubhal i mbéalaibh daoine lé ciantaibh. Is beag tagairt do ghníonn éinne anois do, tá sé ina shean-rud: imthighthe ró-fhada is suim na ndaoine ann fuartha. An sean-roithléith, bíonn truagh agam di: rud bocht caithte, críon. Ní féidir cosc do chur air, tá sé sa tsean-réim airís: an fuadar mór a bhí cheana fé. Ní deacair breith ar earball anois air tá cuid den sean-réim imthighthe: an gnáth-fhuadar árd-chéimeach a bhíodh fé. Ghearrfadh an sean-ropaire sin do scórnach ar fheóirling: cladhaire críochnuighthe. Níor bh'olc é an sean-shaoghal bhreis ar an saoghal atá anois againn, b'fhuraiste gannaidhe tighe d'fhagháil: an ré aimsire atá caithte againn. An dóigh leat ná go bhfuil sean-Shasana ag fagháil a dóthana den scéal: an dúthaigh seo in aice linn agus a cuid gníomhartha. "Nár chualaís go dtí san é? sean-scéal eadrainne é sin": é cloiste lé fada. Féach air! nách leibideach an sean-shoitheach é!: duine liobarnach, neamhghasta. Ní mór an nath do chuirim anois (é) a bheith bocht tá sean-thaithighe agam air: ní indiu na indé do thárluigh sé dhom do bheith mar sin. Scoláire maith sean-Ghaedhealainge: an teanga mar bhí sí na céadta bliadhain ó shoin. Sean-stoc seadh na Cinnéidigh: treabh gur féidir leó maoidheamh as an fhaid atáid ann. Sean-scéalaidhe a chuirfeadh síos ar an bhFéinn is ar threabhachaibh eile duit: go bhfuil eachtraidhe aige ar dhaoinibh in anallóid. D'imthigh an sean-dhath gránda a bhí air de: ná raibh ró-shláinteamhail. Sín amach do shean-spága leis: cosa fada ná fuil ró-chórach. Fág fén sean-sholáthraidhe úd rud d'fhagháil má gheibheann éinne é: duine go bhfuil taithighe mhaith aige ar dhul i gcóir ruda. Beidh an sean-samacht ge n-a mhnaoi go deó air: smacht ná tagann aon lagughadh air. Sasana d'iarraidh an tsean-smacht do choimeád ar Éirinn: í bheith fé n-a cois do shíor gan aon phioc dá greim do chailleamhaint. "Nár imthighidh an sean-

shleabhac díot", deirtear lé duine go mbíonn cuma an rógaire air nó na ganfhiosaidheachta nó na neamh-maitheasa. Is mithid de é leis, tá an sean-shnas ag imtheacht de: an teimheal a bhíodh air: tá sé ag mothalughadh nó ag múscailt. Sean-shnas an gheimhridh ag imtheacht den dtalamh lé teacht an earraigh: an dath liath. Cé íosfadh an t-arán san is sean-shnas air: an clúmh liath. Anois atá an sean-shnas ag imtheacht d'airgead Sheáin Bhuidhe ag an gcogadh so .i. é dhá chur ina áis is ina rith. Léan ar an sean-shughmaire nár dhein bail ná maith do neach riamh: duine neamh-thairbheach. Sean-staga mná ná déanfadh maith ort dá dtógadh ón mbás thu: duine an-neamh-maitheach. Sean-talamh láidir é sin, thabharfadh sé aon tsaghas barra: talamh atá i bhfad gan cur. Sean-treabh annso sinne agus beir leat é nách fás aon oidhche sinn: is fada longughadh ár sínsear ann. "Rann" an sean-tómhas talmhan a bhíodh annso: an caighdeán a bhíodh ann seal mór siar. Creid me leis go bhfuilim sean-thuirseach ge n-a chómhrádh: bodhar ó bheith ag éisteacht leis. Isteach linn sa tsean-tranglam chéadna airís: an clampar ná raibh ach curtha dhinn againn. San tsean-tobar chéadna i gcómhnaidhe do gheobhfá é dá mbeitheá ar a lorg: an tigh tábhairne go néann gnáthóg de. Níl neach againn ná go dtagann ar an saoghal is sean-teimheal orainn: peaca an tsínsir. Táim sean-thraochta ag feóil, a dhalta, ní bhlaisfinn anois í: tuirseach ó bheith ghá hitheadh. Ní imtheochaidh na sean-thuairmidhe as a cheann choidhche: na nidhthe chuaidh ann i dtúis a shaoghail. A shean-thíoránaigh, tá slat ded thómhas féin dá fhagháil anois agat: ceann dúbhluighthe aca: ná bíonn an trócaire leis. Nuair labhrann sé budh dhóigh lé duine ar a bhéal gur sean-ughdar é: duine dhíobh so go raibh sé tugtha suas dóibh lé n-a gcuid eólais. Cé ná fuil aon bhuannacht san áit aige, tá sean-ughdarás aige ann go néann gach éinne rud air: cead lé tréimhse gan duine do theacht treasna air. Tá an tsean-urchóid istigh ceangailte ina chroidhe is ní féidir a bhaint amach as.: cladhaireacht agus lúbaireacht a chleacht sé riamh. D'fhág sé lé hudhacht gan é do chur sa tsean-uaigh: san uaigh in ar dhual do. Is beag dár sean-uaislibh anois ann: iad so go raibh buannacht aca ar an uaisle i bhfad siar. Dhéanfadh san aon rud domh-sa, tá sé sean-umhal dom: féicheamhanta, toilteanach rud do dhéanamh dhom.

Seán: *f.1.* ainm fireannaigh. Chaitheadar mórán dighe, is níor bh'é Seán saor é: earra bhocht. Sé an beathuisce seo Seán báidhte i gceart: an-lag trí an iomad uisce do chur tríd. Tá an té seo ina Sheán báidhte: an-lag: gan a dhóthain den luibh ar an uisce: eanglais. Seán na gealaighe: solas sidhe na bportaithe. Seán saor margadh: an earra shaor is í is daoire i ndeireadh dála. Ní Seán Bhuidhe is ainm dom ach buachaillín éadtrom, aerach, mór-chroidheach: ní Seán malluighthe mise in ao'chor. Ag imtheacht ina Sheán Bhuidhe: gan áird: ina scraiste ó bhall ball. Ná tuig gurb aon tSeán saor mise agat: giolla mo leithéid. Téighimis isteach go dtí Seán saor: gáineálaidhe.

séan: *f.1.* ádh, buaidh, sonas, buacacht. Ó buaileadh sa cheann é ní raibh lá den tséan air: oiread agus aon lá amháin sonais. Dá gcuireadh Dia aon tséan im threó: cao ádhmharach. Níl sé den tséan féin orm bean ná clann do bheith agam: d'ádh: de shubháilceas na beatha. Beidh an séan ort má bhí sé ar neach riamh, mar ná fuil a mhalairt tuillte agat: an rath: rathamhnachas. "An raibh aon tseilg chóir agaibh tar éis an lae?" – "ní raibh puinn den tséan againn": aon rud gurbh fhiú trácht air. Dob é an lá séin duit an lá phósair an bhean mhaith atá agat: lá ádhmharach, sona. "Is minic d'fhan fear sonaidhe le séan/ is thug fear donaidhe do-léim!" lé hádh: uain ádhmharach. Is iomdha séan gur chroith sé

lámh leis: athrughadh saoghail. Fanann an fear sona lé séan: lé huain ádhmharach, rathamhail. Ní haon tséan dom-sa thu: ní tairbhe ar bith. Sid é cogadh an mhí-shéin dos na daoine: an mhío-ratha. Cad atá tárluighthe dho anois? bíonn mí-shéan éigin os a chionn i gcómhnaidhe: mío-rath. Tá sí ag dul go tigh séin: rathmhar.

séanadh: *f.* (*-nta*) seachnadh, fuathadh, ceilt, locadh, diúltughadh, dul i gcois, eiteach. Ní haon mhaith dhom bheith ghá shéanadh, is me a dhein é: ghá rádh nách fíor é: é do threasughadh: an t-éitheach do thabhairt do. Téighir ar a shéanadh, ní fheacaidh éinne ghá dhéanamh thu: téighir ina chois: diúltuigh de. An ag séanadh an bhídh orm a bheifeá: ghá cheilt: ghá locadh. Ón lá a rugas air ag bitheamhantaidheacht bíonn sé ghom shéanadh, tugann sé malairt bealaigh air féin nuair chidheann sé me: seachaint: ghom fhuathadh. Téigheann sé dhinn ar fad lé déidheannaighe, tá sé ag séanadh ár dtighe ar fad, ar fad: gan aon chuaird do dhéanamh air. Lé bliadhantaibh anuas tá na scadáin ag séanadh na háite seo: ghá thréigean: ag fanacht uaidh. Ná fuil a fhios agat ná beinn ghá shéanadh ort agus é do bheith agam: ghá cheilt: ghá choimeád uait. "Má nách gcreidimíd-ne, fanfaidh seisean dílis; ní féidir leis é féin do shéanadh" (2 Tim. II. 13): do thréigean. Lucht séanta a gcreidimh: iad so a fhágas é do chreideamh eile nó ná troideann ar a shon. Bí ag séanadh na carraige sin má tá eagla do bháidhte ort: ag fanacht uaithi. Níl aon tséanadh aige air, beireadh sa bhfoghail air: ní féidir leis dul ar a thóin ann. Ar feadh an lae do bhíomair ag cúladh is ag séanadh catha ar an namhaid a bhí ró-láidir dúinn: ag obadh: ag seachaint.

séanaidhe: *a. n-dh.* ádhmhar; rathmhar. Seacht n-uaire ar a laighead do bhí sé i mbaoghal a bháidhte ach scar sé leis, nách séanaidhe an duine é: ádhmharach. Is séanaidhe don té go mbíonn grásta na foidhne aige: sona: subháilceach.

séanaim: *b.a.* seachnaim, obaim, tréigim, diúltuighim de, fanaim ó, ceilim. Cad n-a thaobh go séanair me gach uair do bhuailim leat?: go seachnair me: go bhfanair uaim. An té a shéanfadh mé do shéanfainn é: ná cleachtfadh mo chómhluadar. Shéanfadh sé a chreideamh ar phráta bheirbhthe: thréigfeadh: ní adhmhóchadh é: feall ar iontaoibh seadh é. Séanann sé ná raibh sé ann: deir sé ná raibh: ní admhuigheann sé é. Ní shéanfadh sé é agus ní admhóchadh sé é, bheifeá in amhras ina thaobh: freagra cruinn ní bhfaghfaí uaidh. Séan é, ní fhéadfadh neach é do dhearbhughadh ort: téighir ina chois: téighir ar do thóin ann. "Adubhairt Íosa ris-sean, adeirim riot go fírinneach, sul ghlaoidhfeas an coileach anocht séanfa tu me trí huaire" (Matha. XXVI. 34): ní admhóchair go bhfuil aithne agat orm. "Séan", ars an dochtúir, "rudaidhe guirte d'itheadh, ní maith dhuit iad": ná bac thart iad. "Mara séanair m'inghean agus mo thigh", ars an t-athair ró-fheargach, "scaoilfead an ghaoth agus an ghrian tríot": mara bhfanair uatha agus gan aon bhaint do bheith agat leo. "Má ghnímíd fulang biam i ríoghacht mar an gcéadna maille ris; dá séanam é, séanfa seisean sinne mar an gcéadna" (2 Tim. II. 12): má obaimíd a admháilt. Do shéan Peadar a Mháighistir: ní admhóchadh sé go raibh aithne aige air. Do shéan sé orm go raibh airgead fachta aige: b'é a rádh ná raibh. Ag dul isteach id bhéal indiu is do shéanfadh ambáireach: duine neamh-iontaoibheach, luaith-intinneach.

séanamhail: *a.* ádhmharach, sona, tairbheach, rathmhar, seascair. Ní séanamhail dóibh seo, na daoine bochta, go bhfuil cogadh ag réabadh a ndúthaighe, ocras is easbhaidh

ortha, fuacht is fán ar chuid mhaith: sona. Deirtear gur séanamhail an rud seamróg na gceithre gcluais d'fhagháil: rathmhar: gur cómhartha nó tuar áidh é. Aith-bhliadhain shéanamhail chughat agus mórchuid díobh: áthasach, shona. Tháinighis go séanamhail, leathuairín eile agus ní bheadh faic lé fagháil agat ná go mbeadh bailighthe leis: go h-ádhmharach. Más dóigh leat gur séanamhail an rud bheith beacht, sprionnlaithe ní mhaoidhim ort é: gur tuar ratha é. Is é is séanamhla annso chun iascaigh: is mó go mbíonn an t-ádh air. Má tá grádh Dé ag neach i dtaobh macántachta is aige é, agus beidh sé séanamhail dá bhárr: beidh an rath air agus beidh beatha shásta soilbhir aige.

séanas: *f.1.* beárna mhíl, scoilt (beárna) dúthchais i mbeól uachtarach an duine. Is minic go mbíonn an carball scoiltithe freisin. Ní fhéadfaidh éinne a chasadh leat go bhfuil séanas ort: máchail ar bith.

séanasach: *a.* beól-bheárnach. An é sin an fear atá séanasach?: go bhfuil beárna mhíl aige.

seanchaidhe: *f.4.* scéalaidhe, eachtruightheóir; staraidhe; duine go mbíonn mórán eólais aige ar nidhthibh staramhla ceanntair. Is é seanchaidhe is fearr annso anois é: an té is fearr agus is iomláine cur síos ar threabhachaisidhibh, imtheachtaibh, is nidhthe staramhla. Ní mor an mhaith mar sheanchaidhe me, ní mór a fhéadfainn a innsint duit i dtaobh an pharróiste tharm siar: eachtruightheóir ar dhaoinibh, teangmhálaibh, tráthanna, etc.: duine go mbíonn mórán sean-aimsireachta aige. Dréir na seanchaidhthe tá mac do Rí Pilip na Spáinne adhlactha i dTeampall Mhóire: úghdair ar bhéaloideas is stair na háite.

seanchaidheacht: *b.3.* stair, geinealacht, sínsireacht, ársaidheacht; cur síos ar na nidhthibh a bhaineas leis an seanracht mar atá fothracha, scríbhne, seóda, etc.; scéalaidheacht; comhchainnt. Siúd é a inneósadh seanchaidheacht na háite dhuit: gach nidh inspéise i dtaobh sean-shaoghail na háite agus na cómharthaidhthe air atá ann fós. An té go bhfuil seanchaidheacht aige ar an ngalán san d'inneósadh sé dhuit cad tá scríbhthe air: cruinn-eólas ar a imtheachtaibh. Ná bímís ag déanamh a thuilleadh seanchaidheachta ar an bhfear, cad é a leigheas súd ar aon rud a dhein a mhuinntir roimis: ag cur is ag cúiteamh air. Beidh seanchaidheacht ar an ngrádh a bhí ag an mnaoi thar lear air go fada an lá: beifear ag trácht 'sag tagairt do. Ná bíodh aon tsúil agat chómh luath san leis siúd, mar má bhuaileann aon bhod bóthair leis caithfidh sé na tráthanna ag seanchaidheacht leis: ag comhchainnt. Mórán bliadhan ina dhiaidh sin do bhuail an bheirt againn lé chéile thar lear agus budh mhinic ár seanchaidheacht ar laetheantaibh ár n-óige ag baile agus na daoine go raibh aithne againn ortha: sinn ghá gcur trí chéile. Seo, ní seanchaidheacht a dhéanfadh dómh-sa é, tá obair ag baint na súl asam is me suidhte ar mo thóin annso ag tabhairt gearr-aighnis uaim: cainnt. Éirighimís as, gheóbhaimís seanchaidheacht go maidean: ní haon easbhaidh chúise ná gearáin ar a chéile a thiocfadh linn: slighe achmhusáin.

seanchas: *f.1.* stair, aimsireacht, tráth is cunntas ar imtheachtaibh na sean-aimsire; ginealach; craobha coibhneasa; sean-thráchtas; eolas. Éirigh as na feádhannaibh aite seo fút, agus ná bíodh na daoine ag seanchas ort: ag ríomh ort: ag trácht ar do bheartaibh: ag cíoradh 'sag cárdáil do ghníomhartha. Ná déinimís a thuilleadh seanchais air, táimíd

bodhar aige mar chúrsa: a thuilleadh ciarlála ná dul siar air. Tá sé tagartha dho sa tseanchas go bhfuil daoine curtha ann: sa chunntas atá tagtha chughainn ó ghlúin glúin. An seanchas gearr an seanchas is fearr: dá luighead cainnte déintear d'aon rud is fearrde san an cúrsa. Sin a bhfuil de sheanchas agam ar an nduine dhíbh: de thrácht. Ní haon tairbhe bheith ag seanchas nuair bhíonn an anchain déanta: bheith ag áiteamh ar dhíoghbháil, bíonn sé ró-dhéidheannach. Beidh seanchas fada againn ar an lá úd go réidhteócham go haonnidh mar gheall air: trácht doimhin. Thabharfadh mná an lá go léir ag seanchas lé chéile: ag cur rudaidhe trí chéile is ag innsint scéal. Ní mór ded sheanchas a fuaireas uatha, bhíos chómh dall ina ndiaidh is bhíos rompa: ded thuairisc. Seanchas bréige is mó bhíonn ar na páipéaraibh i dtaobh an chogaidh, amadán a chreidfeadh é: cunntaisidhe nách fíor. Bhíodar ag cur do sheanchais orm: ghá fhiafraighe dhíom connus bhís is mar sin de. Bíonn seanchas gach oidhche Sathairn ag na mnáibh: cruinniughadh chun rudaidhe do chur trí chéile. An Seanchas Mór: leabhar mór ar chúrsaidhibh, daoinibh, etc. Gheóbhfá mórán seanchas béil ameasc na seandaoine fós: cunntaisidhe ar an saoghal fadó. Ná déin seanchas de: scéal ró-fhada.

seandacht: *b.3.* sean-aois, an allóid; tréimhse ársa. Cómharthaidhe na seandachta air – léithe, cromadh, castacht is laige: na sean-aoise. Leis an seandacht a bhaineann Teampall Gallarais: lé tréimhse na hallóide: tráth ársa. Thuit sé as a chéile, ar nós gach aon ruda eile leis an seandacht: sean-aois is caitheamh. Is olc an chómharsa an tseandacht: ní maith í is ní cóir í an tsean-aois.

seanduine: *f.4.* duine aosta; an duine (fear) is aosta ar líon tighe. Tá seanduine déanta dhíot: cuma aosta roim t'aimsir tagtha ort. An ins an mbaile mór atá bhur seanduine indiu?: ceann an tighe. Bíonn an bás ar aghaidh an tseanduine is ar chúlaibh an duine óig: dá aosta duine is giorra dho an bás, rath nó mío-rath. Is furaiste aithint buille an tseanduine: mara mbeadh neart féin ann bíonn cruinneas is clisteacht ann. "Fear óg, díomhaoin adhbhar an tseanduine bhuain: an té ná claoidhtear lé hobair i dtúis a shaoghail is móide a fhaid ar an saoghal. Mairfidh sé le bheith ina chrúnca seanduine: fear aosta, foirfe. Tugaim fé ndeara an seanduine ag éalódh air: é ag dul san aois. Ná déin magadh fé sheanduine ná fonmhóid fé sheanóir: ná gáir fé dhuine i dtaobh a aois agus ná tarcuisnigh an sean-chomhairleach. "Easbhaidh bídh, dighe is bróg a ghnidheas seanduine den duine óg": a thug clódh aosta air roim aois. Ná bac an seanduine nuair bhíonn sé críonna ina sheanóir: an duine aosta nuair ná bíonn aon bhrigh ann ach an méid a bhíos ina theangain .i. ní bhíonn aon mheas air. "Ag magadh fé sheanduine nó ag fonmhóid fé sheanóir": rud nách cuibhe. Foireann seanduinidhe sinne .i. tá gach nduine againn aosta ach seandaoine an cheann (cnuasainm).

seanda: *a. n-dh.* aosta, ársa, gan cur. Mhairidís sa tsean-shaoghal go mbídís seanda: an-aosta ar fada. Ní bhfaghaim éinne a thuigeas é, ní fuláir nó is focal seanda é: ársa. Úirlisidhe cloiche táid seanda gan amhras: tréimhse fada ó deineadh iad. Is seanda leis lé pósadh í: ró-aosta. Ní ró-fhuraiste é do threabhadh, tá fód seanda go maith air: é tamall de bhliadhantaibh ó cuireadh é. Ní fhéadfadh an mhias san gan bheith seanda, níor chuimhin lé héinne rómham-sa í do theacht 'on tigh: an-aosta. Is seanda an chuma atá ar an gcloich: cuma go bhfuil tráth fada ó cuireadh í ina hionad láithreach.

seanfach: (**seana-phuidheach**) *f.1.* beithidheach trí nó ceathair de bhliadhnaibh gan gamhain. Scata seanfach sa cheanntar gan pósadh fós: sean-mhaighdeana.

seang: *a.* caol, tairngthe, líomhtha, sciamhach, seólta, éascaidh, leabhair. Budh thaithneamhach leis an súil dearcadh ar a com seang córach, sciamhach: líomhadh amharcach na súl. Ucht doimhin is com seang, cómhartha luais is éasaidheachta. Is seang an bolg a bheidh agat ar an anacair bídh seo: caol, tairngthe. Téad sheang mar í sin, ní fhoidhneóchaidh sí aon strus uirthe: caol. Chómh seang as a corp lé coin: caol, éadtrom, seólta. Seang a ndóthain atáid tar éis an dubhluachra: caol, tairngthe. Nách seang seirgthe atá sé ag fanacht i gcómhnaidhe: caol, gan péas ná toirt. Bean sheang: sciamhach. Tairng go seang ar an mbiadh, níl sé ró-fhlúirseach: go caol. Tá sí chómh seang agus bhí sí an lá phós: neamh-thorrach. Is fearr bolg seang ná rud a chur ann ná réidhfeadh leis: bolg gan biadh. Phreabfadh do chroidhe ar amharc a méar seang: leabhair: córach.

seang-: *i gcfbh.* leabhair sciamhach, córach, caol, seirgthe. Is í bó na seang-mbléantacha í tar éis an gheimhridh: caol, caithte, lom. "A seang-chorp séimh mar ghéis ar shruth, etc.": corp, crot sciamhach, so-amhairc. Do bhuail saighead fém lár me fé n-a seang-chruth: a pearsa cúmtha, sciamhach. Ní raibh Piaras gan seang-eacha: capaill líomhtha, éascaidhe. B'í an bhean budh sheang-mhéaraighe dár leagas mo shúil riamh uirthi: budh leabhaire méireanta. Tá sí ró-sheang-chosach chun aon nirt do bheith innte: cosa i bhfad ró-chaol aice. Geallaim duit go mbinn tráth dem shaoghal seang-ghoileach mo dhóthain, nár bh'annamh ina ocras orm é: gan puinn lé n-itheadh agam. Nách mithid do, dálta an scéil, do bheith seang-sparánach ar a bhfuil d'airgead caithte aige: caol fé airgead. Éan seang-ghobach seadh an coirrliún: go ngob fada caol.

seangacht: *b.3.* caoile, loime, sciamhacht, neamh-thorracht. Ar aon aonach ní fhéachfaí uirthi lé n-a seangacht, ní raibh spiota fiadha uirthi: loime agus caoile. Seangacht na mná a raghadh id croidhe, an bhfeacaís neach riamh budh bhreághtha?: sciamhacht. Seangacht na con go gcuirfeá suim ann: líomhthacht, an chuma éascaidh chun luais is fuinnimh. Mara mbeadh seangacht mo sparáin cheannóchainn an earra san, taithnigheann sí liom: caoile: luighead mo chuid airgid. Is diail an corp atá ag baint leis, is é ná fuil an tseangacht ann: caoile ná luime. Is mór an truagh aon ghalar amháin do bheith uirthe – seangacht: aiste ná beadh clann aice.

seangadh: *f.* (*-gtha*) caolughadh, tanughadh, lomadh, cnaoidhe. Táir ag seangadh, an ithir do dhóthain?: ag caolughadh. Ná bíodh aon truagh agat dom, caith leat, níl aon tseangadh ag dul ar mo phóca: caolughadh. Béas coitcheann ameasc ban fé láthair luigheadughadh ar an mbaidh chun seangtha a gcorp: caolughadh is tanughadh i gcruth 'si gcorp. Lé dubh-obair tá sé ag seangadh: ag seargadh: ag caitheamh. Tá an saoghal ag seangadh orainn leis an gcogadh so: earraidhe ag dul i ngainne.

seangaim: *b.a.* $_7$ *n-a.* tanuighim, seargaim, lomaim, caoluighim, cnaoidhim, luigheaduighim. Seangann an duine lé haois, ní fhanann a thamhas ann: téigheann sé as: cnaoidheann a chrot. Seangfair go maith sara bhfaghair pioc de seo, dá mhéid dúil agat ann: caolóchair dá easbhaidh. Do sheang na pócaidhe aige, níl leath oiread réime fé: chuadar i luighead: lomadar. An bolg mór atá air, ní sheangfaidh choidhche: ní

thrághfaidh. Do sheang ár seólta cheal gaoithe: d'imthigh an borradh asta: chuadar i neamh-theinne.

seangaire: *f.4.* caoladán, duine nó ainmhidhe seirgthe, tairngthe. Biadh na Mumhan ní chuirfeadh bláthas ná croiceann ar an seangaire: rud léirighthe, caol, seirgthe. Seangaire capaill ná fágann faic rian a choda air: reanga ainmhidhe. Crot ná clódh ní thiocfaidh go deó ar an seangaire: rud caol, bocht. Seangaire leinbh: leanbh leice, neamhchrothamhail.

seangán: *f.1.* feichide beag leanamhnach; sciathánach go minic; malairt datha ortha dréir cinéil; an-ghníomhach agus láidir dá thoirt; tógaid puirt go mbíonn únacha is cealla ionta; foillsighid dícheallacht agus clisteacht; an com. Chómh géar lé mún seangáin: an-ghonta. Níl aon oidhre ort ach marcach ar dhrom seangáin: duine go mbeadh aiste an tseóidh air. Rug sé greim seangáin orm agus d'fháisc go dóighte me: greim tímcheall mo choim. Choidhche ní dhéanfaidh sé ach seangán duine: rud suarach neamh-thairbheach. Mún seangáin nó báisteach Mhárta: bíd an-ghéar. Ghoidfeá a thár ón seangán is ní beag san: an t-ualach a bhíos thiar anáirde air. Tagairt do ghliocas na feichide atá annso .i. ghoidfeadh sé aon rud dá mhéid faire a bheadh air. Port seangán: an tulach beag is pruais dóibh.

seanmach: *a.* ceólmhar, séiseach. Gléas seanmach an bheidhlín: déineann ceól breágh.

séanmaireacht: *b.3.* sonas, ádhmhaireacht, toradh. Dá mbeadh aon tséanmhaireacht air ní hé luighead a shealbhais a bhí ag teacht leis: dá mbeadh rathamhnachas. Dar ndóigh tá séanmhaireacht ges na daoinibh atá ina gcómhnaidhe in oileán saidhbhir: snas agus subháilceas. Má tá na bliadhanta so féin in ár gcoinnibh tá gach aon dul go ragham i séanmhaireacht fós: go mbeidh saoghal níos fearr againn. Tá an séanmhaireacht ina dhiaidh riamh, éirigheann gach aonnidh leis: ádhmhaireacht: an rath i dtaobh aon ruda go mbaineann leis.

séanmhar: *a.* sásta, sona, ádhmhar. Is séanmhar an duine thu, is a rádh gur thugais do chosa leat as gach cath aca, is a ghiorracht don mbás a chuadhais: ádhmharach. Is séanmhaire braithfinn san ósbuidéal leis an iomard so: i bhfad níos sásta. Nodlaig shéanmhar chughaibh uile: sásta, subháilceach.

seanmóin: *b.3.* trácht nó agallamh ar chúrsaidhibh creidimh is mórálachta; óráid fhada fhógarthach. Tabharfaidh an sagart seanmóin uaidh ar lá an tSléibhe: labharfaidh sé san eaglais air, ag tabhairt brighe agus bun leis an mbaint atá ag anam an duine leis. Ní bhíonn de sheanmóin agam leis ach aire do thabhairt do féin .i. bím ghá fhógairt air rudaidhe d'áirighthe do sheachaint. Tabharfair seanmóin dúinn sara stadair: teagasc chun ár stiúrtha. Is éachtach an fear seanmóintidhe é: bheith ag tagairt go fadálach, tuirseamhail do rud ar bith. Cé atá ag seanmóin annso: ag cur as.

séanta: *a.r.* seachanta, fuathuighthe, diúltuighthe dhe, dulta ar thóin ann nó dulta ina chois. Is fada atá an tigh seo séanta aige: tugtha suas de bheith ag teacht ann. Táimíd séanta ar fad aige, is fada go bhfeacamair é: ní thagann sé in ár ngoire ná in ár ngaobhar. Tigh séanta seadh é, ní mór go ndíoltar luach leathphingne: tigh fuathuighthe: tigh ná fuil puinn tráchta ann. Cloisim go bhfuil a chreideamh séanta aige: tréigthe: tugtha suas aige.

Baile cuain séanta lé bliadhantaibh é sin: ní bhaineann loingeas tráchtála aon áis as. Ní séanta dhuit anois é, is eól don saoghal mór gur tu atá cionntach: ní féidir leat dul ina chois. Deirim-se leat nách cúrsa intséanta breis churadóireachta is an géibheann atá ann: gur féidir cúl do thabhairt leis. Nidh do-shéanta an peaca: nách féidir gan tuiteam ann. "Tá Dia is daoine séanta aige", le duine a bhíos an-choimhtheach.

seanóir: *f.3.* duine an-aosta, an té is aosta dá mbíonn láithreach; duine gur dual do meas agus ómós trí shean-aois, duine gradaim is ughdaráis. Magadh fé sheanduine nó fonmhóid fé sheanóir: tarcuisne do thabhairt do dhuine ársa ughdarásach. "Ná himdhearg seanóir acht teagmhuigh é mar athair agus na hógánaigh mar dhearbhráithre" (1 Tiom. V. 1): taoiseach, ceann treibhe.

seanóireacht: *b.3.* sean-aois, aiste an tseanóra. Is beag an luadar ná an chuimhne atá aige anois, tá an tseanóireacht ag gabháil de: iarsmaidhe na sean-aoise. Ní raibh seanóireacht riamh ná raibh óigíneach: an chrínne agus an chaithteacht do bhí óg, fuinneamhail tráth.

seanórach: *f.1.* duine aosta, duine ughdarásach chun breith do thabhairt. Agallamh na Seanórach: na mbreitheamhan. Tháinig seanóraigh an bhaile lé chéile chun a shocruighthe cad budh chuibhe do dhéanamh nuair connacthas dóibh é do bheith i gconntabhairt: na daoine aosta ceapaithe lé cómhacht.

seanórdha: *a. n-dh.* aosta, foirfe, ionómóis. Éistightear lé cómhairle an duine sheanórdha so, mar is é is mó eólas ar an saoghal: gur dleacht do ómós agus meas agus gradam lé n-a aois is a thaithighe. Mhair sé go raibh sé seanórdha: árd-aosta, oirmhidneach. Ár n-uachtarán seanórdha.

seans: *f.3.* cao, faill, ádh, rath, dul, imtheachta mar thárluighid gan chúis is féidir d'fhagháil amach, gan tuar, gan leigheas; cao fhabhrach, éascaidh; cosamhlacht. Sin é do sheans anois, tóg é nó mara dtógair beir in aithreachas: do chao: anois an t-aon uair go n-éireóchadh leat. "Chuala gur bhuaidh sé scoláireacht" – "seans is mó 'ná é ar an mbuachaill mbocht": chonách san air: a thuilleadh den ádh air. Seans maith air, - is fearr ná é, - is sia siar ná an lá indiu air, etc.: rath. An bhfuil aon tseans agam ar bheith in am, an dóigh leat?: aon chosamhlacht go mbead. "Buaidhfidh sé go bog" – "tá seans aige air": aon dul níl aige air. Cuireadh ar crannaibh an eadáil eatartha, is b'é a chuid den tseans gur thuit sí leis: bhí san d'ádh air. Gurb é an chuid is lugha ded sheans an méid sin d'fhagháil: a thuilleadh agus a thuilleadh den rath go raibh ort. Dá mbeinn ag imirt choidhche ní bhuaidhfinn, níl lá den tseans orm: ádh ar bith. Ní raibh lá den tseans air ó chuir sé lámh innte: aon rath: ádh. Dá bhfaghainn-se an seans air is beag an truagh do bheadh agam do: an chao ar a dhíth do dhéanamh. Ná buail an turus so é, tabhair seans eile do: cao. Níl aon deagh-dheallramh air go rithfidh liom, ach mar sin féin raghad ina sheans: raghad ar a iontaoibh pé ádh nó mío-ádh atá os mo chionn. I seans go mbeadh biadh lé fagháil sa tigh againn chuadhamair isteach: lé muinghin. Mórán seans fachta ar a bháthadh aige: is minic ina chonntabhairt é. Nuair gheobhair an seans tóg é, ná bí choidhche in aithreachas so ná súd: an chao: an dul ar rud do shroichstint nó do ghnóthughadh. "Fiadhach nó iascach níl ann ach seans": ádh. Roim ré ní bhíonn duine deimhnightheach cad thárlóchadh do. Tá sé ar a sheans féin lé fada: ag déanamh do féin. Pé seans atá aige ar theacht chuige féin is ins

an ósbuidéal é: má tá sé d'ádh in ao'chor air. "Seans ó Dhia chughat", deirtear lé duine ag gabháil a bhuidheachais i dtaobh ruda maith éigin do bheith déanta aige. Is iomdha rud a dhéanfadh duine dá mbeadh an seans aige: an chao. Tigh gan seans é, níor éirigh lé héinne riamh ann: gan rath, gan ádh. Bean lé seans seadh í is a rádh nár marbhuigheadh í: bean go bhfuil ádh an domhain uirthi. Le seans a thiocfadh sé anois is a dhéidheannaighe atá sé: níl aon deallramh go dtiocfadh sé. "Tá seans agat air" – "lag-sheans atá": is ar éigean atá. Dá gcuireadh Dia aon tseans im threó go bhféadfainn feighre bróg do cheannach dom féin: cao ádhmharach. Ná cuir as mo sheans me: ná dein aon rud a thiocfadh treasna orm. Tá sé ráidhte riamh nár baineadh riamh a sheans de dhuine: an té go mbíonn an t-ádh air ní dhéanfadh faic a dhíth. Is minic seans fachta ón gcapall aige: is minic do chuaidh an capall i ngiorracht do é do mharbhadh nó do ghortughadh. Le seans a thána air: ní raibh aon choinne agam leis. Ní thuilleann sé faic mara dtuillfeadh púnt le seans: gan súil gan choinne leis. An seans is mó fuair duine riamh nár báthadh thu is a fhaid a bhís san bhfarraige: ádh an domhain uile.

seansamhail: *a.* ádhmharach, rathamhail, tuitmeach. Fear seansamhail, níor chuir sé a lámh riamh in aon rud ná héireóchadh leis: ádhmharach: sona. Lá seansamhail a tháinig i gcorp na droichshíne: lá a bhí go maith is gur baineadh feidhm as. Budh seansamhla capall tusa go mór ná mise: b'ádhmharaighe: is mó d'éirigheadar leat. Tástáil-se im ionad-sa nílim-se seansamhail in ao'chor: ní gnáthach liom an t-ádh do bheith orm.

seansamhlacht: *b.3.* aiste an tseansa; ádhmhaireacht. Ghaibheas tharais fiche uair gan é do thabhairt fé ndeara, féach, bíonn an tseansamhlacht ann, fuair seisean den gcéad iarracht é: bíonn an ádhmhaireacht ag baint lé daoinibh thar n-a chéile. Congaibh id phóca an luibh sin, béarfaidh sí seansamhlacht chughat: beir ar chaoi an tsonais do bheith id threó, í do bheith agat.

séantach: *a.* diúltach, obtach, neamh-admhálach. Ná bí ag dul séantach ann, is tú adubhairt é: ag dul ina chois: ag dul ar tóin ann. Tá sé séantach gurb é athair an leinbh é: ní admhóchadh gurb é: tugann sé an t-éitheach do. Níl aon rud náireach déanta as an slighe agam go mbeinn séantach ann: go mbeinn ag dul ar mo thóin ann. B'é Peadar a bhí séantach in ár Slánuightheóir: ná hadmhóchadh go raibh aithne aige air. Ní raghad séantach ann, is me a dhein é: ní dhiúltóchad a admháilt. Cén fáth go bhfuilir chómh séantach orm gaol do bheith agam leat: ná hadmhuighir é nó ná leigir ort é. Cuireadh scannradh air ar an bhfarraige ní fuláir. Tá sé séantach uirthe: seachnach: ní théigheann sé ina gaobhar. Ní bheadh sé séantach ná admhálach ann: ní déarfadh gurb é ná nách é atá cionntach.

séantacht: *b.3.* aiste bheith séantach; seachantacht; dul i gcois nó ar tóin .i. coimhtheacht. Choidhche ní fheicfeá i gcómhluadar éinne é, tá séantacht ag baint leis: iargcúltacht: coimhtheacht: neamh-fhonn coimhdeachta. Ní lé n-a mhánlacht ná a mhacántacht ná goideann sé, ach séantacht na dlighe atá air: seachantacht: scáthmhaireacht roimpe. Cuir asat amach an tséantacht is tair ar ár dtuairisc go minic: coimhtheacht. Budh dheacair aon fhreagra do bhaint as, chlaoidh sé go diail leis an séantacht: an t-eiteachas ar gach ceist.

séantacht: *b.3.* sonasacht, ádhmhaireacht, rathamhnacht. Leanfaidh an tséantacht choidhche é, nách iongtach mar éirigh an saoghal leis: rathamhnacht: an t-ádh nách féidir do scaramhaint leis. Níl aon tséantacht ina leithéid de rud mí-cheart do dhéanamh: níl aon ádh ag baint leis. Séantacht ort pé ball den ndomhan go dtugair aghaidh: ádh agus rath.

seantóir: *b.5.* sean-eaglais nó sean-roilig; talamh a bhaineas lé beatha teampaill áirighthe. Muinntir na Seantórach: muinntir na háite.

seáp: *f. n-dh.* fogha, snap, ionsaidhe, eitim. Thug sé seáp chun me do bhualadh, léim sé im threó: iarracht mhear, thapaidh: fogha. Budh ghránda an seáp do thabhairt fén earra do sciobadh den gconntabhairt: iarracht obann. Thugamair seáp fé dhul ar an bhfarraige ach b'éigean dúinn filleadh: dheineamair iarracht ghrod mar bheadh lé lon. "Ná tiocfá ar ár dtuairisc uair éigin?" – "b'fhéidir go dtabharfainn seáp lá éigin": cuaird lé deithneas. Thug an namhaid seáp fén mbeárnain a bhí déanta sa daingean aca ach chlis ortha: ruathar tapaidh chun a gabhála. Chaith sé dhe a bhróga agus seo leis is níor stad den seáp san gur shroich an baile: den ruathar san: den réim reatha san. Bain i gceart leis an speil is ná bí ag tabhairt seáp fé: iarrachtaidhe neamh-shocra. Tá an long ar a seáp ó thuaidh: cúrsa. Thug sé seáp go Mearaice: breabhaid. Beireadh sa tseáp air: sa bhfoghail agus é d'iarraidh ruda éigin do dhéanamh de phreib. Ag tabhairt seáp fén bpeil san aer do bhí sé nuair treascradh é: iarracht ar bhreith uirthi de léim. Ná bac seáp anois is seáp airís ach claoidhe leis an gcúram: iarracht anois is airís. Budh dhána an seáp dóibh tabhairt fén bhfarraige i leith éisc do thógaint oidhche chómh fiadhain léi: an eitim: iarracht lán de chonntabhairt. Nuair shéan sé gurbh é athair an leinbh é, dhearbhuigh sé gur iomdha duine a thug seáp ar an gcailín: ruathar. An long ag gluaiseacht go hait, seáp sall is seáp anall aice: cor: iompódh. Chuir sé seáp scine im ghualainn: ropadh grod gan choinne.

seápáil: *b.3.* ag tabhairt iarrachtaidhe, ag cur gotha ar dhuine chun foghaidh do thabhairt. Tá seápáil éigin air tríd an sluagh: é ag gluaiseacht mar bheadh ag faire ar phócaidhibh do phriocadh, duine do bhualadh, etc. Cad é an tseápáil atá ort léd ghéagaibh, ná coimeádfá réidh iad: corruighe ionfairt. Innis dom cad í an tseápáil atá ar an mbád san amuigh annsan ó mhaidean: ionfairt: corruighe ó áit go háit mar bheadh ar lorg nó ar tí ruda éigin. Cuir uaim seápáil ach luigh isteach chun oibre: corrthónaidheacht. Seápáil bhruighne atá air sin aithnighim-se air é: ag corruighe is ag ionfairt chúiche. "Is tú fear na seápála", deirtear lé duine go mbíonn corradghail is ionfairt an domhain air. Tar éis na seápála go léir níor amharcas faic déanta aige: na gothaidhe gnímh.

seápaim: *b. n-a.* tugaim iarracht fé, caoluighim liom, cuirim gothaidhe orm féin. Seáp 'on bhád: bí innte de gheit: léim innte. Seáp isteach 'on uisce, beir ar mhothal air is tairng amach é: léim de thapaidhean. Seápann sé chugham chómh luath agus chonnaic sé me gan fhios ó fhlaitheas Dé agam cad é an chúis a bhí aige orm: léimeann, sádhann chugham. Seápann tinneas uathbhásach trím dhrom a chuireas brat alluis tríom amach: preabann ann. Nuair chonnaic sé ná raibh aon dul aige ar aon rud do ghoid, sheáp sé leis: chaoluigh: d'éaluigh. Ní mór ná gur bhain sé mo chiall shaoghalta díom, seápann sé soir agus seápann sé siar: fogha i ngach treó aige. Sheápadar chun an bhídh: chromadar ar itheadh go luath, láidir. Dá seápaimís chun na hoibre ar maidin bheadh a furmhór déanta anois againn. Dheara, a mhic ó mo chroidhe istigh, sheáp an bhéidreach chugham is níor

fhág sí thíos ná thuas orm é: dhein sí ionsaidhe cuthaigh go hobann gan choinne orm: ghearraidh is d'ith me. Seápann tusa gan machtnamh: preabair chun ruda.

seápaire: *f.4.* duine nó ainmhidhe a thugas fogha fé rud, snapaire. Cad a dhein mo sheápaire laistiar dem dhrom ach mo chuid aráin d'árdach leis: ganfhiosaidhe. Ní fheicim faic dhá dhéanamh agat ach ag imtheacht id sheápaire ó ghort go gort: ruathaire: díomhaoin. Tá rud éigin fén seápaire cait sin anois, féach na bóithre atá aige dhá thabhairt isteach: cat go bhfuil geámaidhe aige. Níl ionat ach seápaire, ní chuirir aon eagla orm-sa: fear gothaidhe. Aon rud a bheadh ar bóiléagar bheadh sé ag an seápaire sin mara seachnófá: foghadóir.

seápaireacht: *b.3.* gothaidhe móra, corradghail, ionfairt ghéag; snapaireacht. Ná bíodh aon tseápaireacht ort léd chártaidhibh ach imir amach iad: fighe géag: ag tabhairt sungca chun caithte is ag cúladh. An aon rud a chidheann seisean amach chun na farraige go bhfuil an tseápaireacht go léir air ar bharra faille: corrathónaidheacht. Bhíodar ag seápaireacht ar a chéile chun bruighne nuair cosnuigheadh iad: ag geáitseáil lé n-a ngéagaibh. Cad é an tseápaireacht so agat fén iasc?: ag tabhairt foghaidh fé i nganfhios. Ní fhéadfainn teacht suas leis, tá sé ró-mhaith sa tseápaireacht dom: éalódh i nganfhios dom.

searbh: *a.* géar, neamhmilis, mío-thaithneamhach, dian, doilgheasach; sáithighthe, leamhasach, domblasta. "Is seirbhe 'ná an searbhán searbh an duine daidhbhir ag déanamh ceóil": is míothaithneamhaighe. Is milis dhá ól é, ach is searbh dhá dhíol é": is aoibhinn bheith ag ól ach is cráidhte an rud díol as. Tá so chómh searbh leis an ndomblas: géar ar fad: blas mío-thaithneamhach leis an gcarbhat. Fuaireas cainnt shearbh ón saoiste i dtaobh bheith déidheannach chómh minic: dian, gonta. Ní fhéadfá aon rud a fhiafraighe dhe, tá teanga shearbh aige, ní thabharfadh sé freagra caoin ar dhuine: gearrthach, míchéadfadhach. Ná bí searbh leis, bí chómh tláith agus is féidir leat: gan bheith gonta, goirtightheach. Bhítheas an-shearbh liom toisc nár scríobhas, ní mór go labharfaí liom: mío-shásta. Is searbh í an fhírinne acht is buan: ní maith linn í go minic nuair ghoilleann sí orainn, agus ní féidir í do chur i ndiaidh a cúil. Is searbh é an síor-phort: an rud a bhíos ró-mhinic againn ní fhanann blas ná dath againn air. "Ná toigh bean as a scéimh/ go bhfionnair créad é a locht/ tar éis iad do bheith dearg/ is searbh blas na gcaor gcon": géar, neamhmilis. Is oth liom scéal chómh searbh lé bás t'athar do bheith agat: cúrsa doilgheasach. Is gnáthach dreamanna poilitidheachta do bheith árd-shearbh lé chéile: dian, neambáidheamhail. Táim ag éirghe searbh díot, ní maith liom do chuid tromaidheachta: ag éirghe bréan. B'fhéidir go dtiocfadh an lá ort is nár shearbh leat é: ná beifeá i gcoinnibh é do thógaint. Cáin anois é, níl agat ach silínidhe searbha: ag dúmas nách mian leat iad nuair ná fuil dul agat ortha. Tá sé ráidhte riamh go mbíonn an fhírinne searbh: ní thaithnigheann linn ár lochta do theasbáint dúinn nó do chur in iúil orainn. "Agus an uair do chualaidh Esáu briathra a athar do éigh maille ré gárthaibh móra, searbha etc." (Gen. XXVII. 34): géara, doilgheasacha. Thug an tsean-bhean leighis luibh shearbh lé cogaint dom: go raibh blas géar uirthe: míothaithneamhach leis an gcarbhat is leis an dteangain. D'éirigheas searbh de bheith ghá ól, bhíos ag gabháil do óm óige: sáithighthe: tuirseach. Gnóth searbh liom-sa so do dhéanamh agus cuimhnighidh gur dem aindeóin: mío-thaithneamhach. "Ach bhí a deireadh searbh amhail murmónta, géar

amhail cloidheamh dhá-fhaobhar": céasta, íogair. An lá ná faghann an feirmeóir luach maith ar a sheift bíonn sé searbh: míoshásta: míchéadfadhach. Is searbh lém chroidhe na daoine bheith chómh bocht: gonta: cráidhte.

searbh-: *i gcfbh.* géar, mío-thaithneamhach, dian, dochrach. Ní thagadh aon rud as na babhtaidhibh dighe a dheineadh sé ach searbh-aighneas idir é féin agus a bhean, budh bheag leo tarcuisne dá chéile: agallamh géar, achmhusánach. Nuair labhrann sé bíonn sé searbh-bhriathrach, ní fhéadfadh sé a bhéal oscailt gan: nimheamhail as a theangain. Is é an searbh-chaor agat é nuair ná fuil a fhagháil agat: an caor do-mblasta. Chuadar chun searbh-chainnte lé chéile, chasadar gach aon choir lé chéile: bhíodar nimhneach, easmailteach. Is ar éigean d'fhéadfá focal den gcainnt do thabhairt do, tá searbh-chrústa déanta de: sean-aingciseóir. B'í sin féin an tsearbh-chómhairle do bhí aca, focal séimh níor labhradh eatartha: cruinniughadh achmhusánach, géar. Sid é (leann dubh) an tsearbh-dheoch anois, tá sé ró-fhada ar an sileadh: géar, neamhmilis. Thug sé searbh-fhreagra orm dul ar lorg an ruda a bhí uaim san áit gur ghnáthach liom mo chuid airgid d'fhágaint: an-nimhneach: grod: neamh-mín. Thugadar searbh-fhéachaint orm nuair thána ar an bhfód, budh shoiléir nár theastuigheas uatha: sileadh súl mío-thaithneamhach. Ag tabhairt órduighthe uaidh bíonn sé árd-shearbh-ghlórach lé n-a lucht oibre: íogair, dian, béiceach. Nuair cuirtear air bíonn sé searbh-labhartha: géar, gonta as a theangain. Bíodh braon caithte aige is ní cuideachta do neach é, bíonn sé searbh-ráidhteach: cainnteanna géara, easmailteacha aige. Ná bí chómh searbh-intinneach san nár mhaith leat éinne go maith: smaointe neamh-chaoine dhá chothughadh agat.

searbhadas: *f.1.* géire, domblastacht, neamhchaoineas, fonmhóid. An lé searbhadas adeirir go dtaithnigheann rud leat ná taithneóchadh lé neach eile?: fonmhóid. Bain an searbhadas as an dté lé n-a thuilleadh siúicre: an domblastacht: géire blais. Chuir sé searbhadas air gur deineadh leathtrom air i lár na coda eile go léir: éad agus droch-aigne.

searbhán: *f.1.* duine nó rud searbh, aon rud dochrach, fiacal leómhain; plannda go nduilleóig fiaclach, cosa cuasacha go mbíonn sughlach bán searbh ionta. Toisc a mhinicighe a theip air do dhein searbhán de, ní mór gur fhan focal suilt ann: duine díombáidheach géar. Breágh, breágh cnocán is searbhán muinntire: aingeal sráide, diabhal teinteáin: ameasc chách go cneasta, sa bhaile goirgeach. Gheibheann sé chómh searbh leis an searbhán goirt me nuair bhím ag lorg air: is mí-mhian leis me agus bíonn grod, míchéadfadhach.

searbhánta: *a. n-dh.* nimhneach, goirt, mí-chéadfadhach, sean-bhlastamhail, géar. Cad a chuir an blas searbhánta ar an ím sin?: géar, gan bheith ar an ngnáth-bhlas. Ní bhfaghann sé blas ná dath ar aon rud a dhéinim, bíonn sé searbhánta liom: mío-shásta, míchéadfadhach, mío-bhuidheach.

searbhas: *f.1.* géire, mícheadfadh, gargacht, easmailteacht, déisteann, táire. Cuireann sé searbhas orm leat an tslighe aimideach a chaithir do chuid airgid ar dhaoinibh gur cuma leo thu: míchéadfadh agus mío-thaithneamh. "Tá an aimsir go maith" arsa mise – "ná fuil do cheart agat di", ar seisean lé searbhas: péac géar-mhagaidh: sean-bhlas. Dá gcuirinn an cnoc san thall ar an gcnoc so abhfus dóibh ní bhfaghaidís orm ach searbhas: sean-bhlas:

míoshástacht léi: míobhuidheachas. Searbhas, an fhírinne d'innsint do: mío-thaithneamh aigne. Tá searbhas orm é do dhéanamh, ach caithfead é: mío-thoil. Níor imthigh an searbhas as a chroidhe fós liom: motháilt neamh-chaoin.

searbhasach: *a.* sean-bhlastamhail, neamh-chaoin, mí-chéadfadhach. Bíonn sé searbhasach as a theangain nuair bhíonn deoch caithte aige, ní mór go dtagann as a bhéal ach achmhusáin: nimhneach. Bíonn a bhean searbhasach leis i dtaobh bheith ag ól: ghá chasadh leis, agus mío-bhuidheach, mí-chéadfadhach. Bíonn siad searbhasach ar gach éinne, budh dhóigh lé duine ortha go raibh cúis aca ar an gcinidh daonna: nimhneach i ráidhtibh is in aigne. Ná bí chómh searbhasach is bheith ag leamh-mhagadh fé n-a fheabhas, mar níl sé chómh dona is budh mhian leat a chur in iúil: sean-bhlastamhail.

searbhóg: *b.2.* deoch ghéar, neamblasta, aingciseóir. Sid í an tsearbhóg dighe atá ina seasamh annsan ó mhaidean sa ghloine: deoch ghéar, do-bhlas tagtha uirthi. Ar chúl na conntabharthach do bhí searbhóg mhná nár mhian liom mairg do chur uirthi: go raibh cuma mhíohsásta uirthi.

searbhónta: (**searbhóntaidhe**) feadhmannach, seirbhíseach, fó-dhuine, óglach. Is aindeis atá mo shaoghal caithte agam im shearbhónta ges gach éinne a sméidfeadh orm: giolla oibre. "Agus adubhairt Dáibhí ris, cia léar tusa? agus cia has a dtáinig tu? agus adubhairt seisean, ógánach don Éigipt me, searbhónta do Amaleicíteach; agus d'fhág mo mháighistir me, de bhrigh gur ghlac tinneas me trí lá ó shoin" (1 Sam. XXX. 13): duine a bhí i gcúram aige. "Agus mar sin fuair Maoise, searbhónta an Tighearna, annsan tír Mhéab, do réir bréithre an Tighearna" (Deut. XXXIV. 5): duine a ghéill do dhlighe Dé agus a lean riar Dé. "Agus adubhairt Uriah lé Dáibhí, atá an airc, agus Israel agus Iudah a bpailliúnaibh, agus atá mo Thighearna Ióab agus searbhóntaidhe mo Thighearna, a bhfoslongphort annsna machairíbh réidhe etc." (2 Sam. XI. 11): iad so a bhí umhal do. "Do chonnairc me searbhóntaidhe ar eachaibh agus uachdaráin amhail searbhóntaidhe ag siubhal ar an dtalamh" (Eccles. X. 7): daoine úiríseala.

searbhughadh: *f.* (*-uighthe*) do dhéanamh searbh, géar, míchéadfadhach, aingciseach. Níl aon tsearbhughadh orm leat, ní raibh aon leigheas agat ar cad a thárlaidh domh-sa tríot: do-aigne agam ina thaobh. Nuair chidheann na daoine an cogadh ag dul chun séagaidheachta ortha is gan aon bheart dhá dheánamh aca, tá searbhughadh aigne ag teacht ortha: mío-shástacht agus mío-shuaimhneas leó so is bun leis. Ag searbhughadh bheidh an té sin, dá fhaid bheidh sé ina stad: ag dul i ngéire agus i ndo-bhlastacht.

searbhuighim: *b.a.* $_7$ *n-a.* géaruighim, nimhnighim, téighim chun sean-bhlais, cuirim mí-chéadfadh ar. Shearbhuigh an droich-íde é a thug an saoghal is an aimsir do go ná cuirfeadh faic sástacht ná gnaoi air: chuir sean-bhlas aige air. Shearbhuigheadar go mór i gcoinnibh na gceannuightheóiridhe toisc luighead an luacha a bhí aca: tháinig aigne aingciseach aca dhóibh. Leig thart easmailt ó dhuine aineólach, ná searbhuigheadh sé thu: ná cuireadh míchéadfadh ná mío-ghnaoi ort. Searbhuigheann an té nuair tugtar ró-fhada ag séalughadh: géaruigheann sé: imthigheann an blas nádúrtha dhe. Má bhír ag griogadh air searbhóchair im choinnibh é: cuirfir mí-chéadfadh air liom. Shearbhuigh sé go mór é i gcoinnibh na comhluchta gur bhriseadar: chuir droch-aigne aige dhóibh.

searc: *b.2.* grádh, cion, cumann, múirne, annsacht, ciallach, rún; leannán. Chómh luath agus leag sé a shúil uirthi thuit sé i searc is síor-ghrádh léi: caise ceana. Ó, mo chroidhe 'o Dhia! go bhfuil sí i searc leat: gur bhuail grádh trom go hobann í. "Thugas – nárab misde me/ nárab mó is miste ise/ searc m'anama d'inghin an ghaill/ don fhinne-ghil amhra áluinn": annsacht iomláin mo chroidhe. Mo shearc thu, níl aon leigheas agam ort tinneas do bheith ort: a ghrádh ghil. Ceileann searc ainnimh is locht: an té go mbítear i ngrádh leis taidhbhsigheann sé gan cháim. Thugadar searc cléibhe dá chéile: grádh a gcroidhe go hiomlán. Do rith saighead seirce tríom lé breághthacht a scéimhe: mothúilt nó caise mear grádha. Is tú mo chéad-shearc: an chéad agus an t-aon duine gur thugas grádh dho. A rún-shearc mo cléibhe: an té is annsa lém anam. Ón lá fuair sé bás uirthi bhí sí ag séalughadh lé dian-shearbh do: grádh trom dá cnaoidhe.

searcamhail: *a.* grádhach, cumannach, múirneach. Ní fhágfadh ná ní thréigfeadh é ar ór na cruinne, tá sí chómh searcamhail sin air: tá an oiread san dian-ghrádha aice dho. Ní bheidh sí ró-shearcamhail leat má chloiseann sí go rabhais ghá cáineadh: ceanamhail: grádhach.

searcóg: *b.2.* leannán, múirnín. Cáit mo shearcóg, gan í ní miste liom an bás: an té go bhfuil mo chroidhe agus m'anam innte.

searcuighim: *b.a.* tugaim grádh dho, tugtar grádh dhom. Ina hóige shearcuigh a lia óigfhear í, bítí gan chiall gan mheabhair ina taobh: thugadar mór-ghrádh dhi. Tá cion aice ort ach is baoghalach ná searcóchaidh sí choidhche thu: ná beidh caise grádha aice dhuit.

searg: *a.* tirim, caithte, croithte, léirighthe, seang, feóighte, cnaoidhte. Níor fágadh neach sa bhaile gan gairm chun catha ach na seandaoine searga gan tapa gan treóir: críon, léirighthe. Mo chuid éadaigh cnis searg ag an nigheachán, go bhfuil sé ró-chumhang dom: dulta ann. Lé hárd-sheans a fhásfaidh na scioltáin sin ar an gcuma shearg atá ortha: casta ar a chéile gan sughlach. Mo chnámha searg ag an aois: caithte, croithte. Cuimil uachtar nó rud ded aghaidh, tá sí searg: tairngthe: neamh-úr. Ubhla searga ó bheith ró-fhada fén ngréin: go bhfuil an croiceann casta ortha: iad feóighte. Is searg an ghné atá aige: clódh caithte, lom. Ó ló go ló níos seirge dho, cad í an mháchail atá air: níos caithte agus níos luime. Beidh bolg searg aige ar an gcaolbhiadh so: cumhangtha, casta ar a chéile 'e cheal a choda féin.

searg: *b.2.* cnaoidhe, eitinn, meath, feóghadh. Tá an tsearg ag dul ort, níl do dheilbh san éadach: ag dul as go mór. Is fadó chonnaic sé an lá déidheannach maitheasa, tá sé ag dul i seirg: tá galar cnaoidhte air. D'imthigh sé leis an seirg: caitheamh.

seargadh: *f.* (*-gtha*) cnaoidhe, caitheamh, meath, feóghadh, léiriughadh; caolughadh. Obair is gainne bídh ná bíonn i bhfad ag seargadh dhuine: ghá chaolughadh. Tá an seargadh a théigheas lé sean-aois ag dul ann: an lomadh is an caitheamh. Lé formad dá chómharsain tá an cníopaire ag seargadh: ag meath: ag dul as: ag cnaoidhe. "Tá an talamh ag cnaoidhe is ag seargadh, atá Lebanon náireach, agus ar n-a ghearradh síos, etc." (Isaiah XXXIII. 9): anbhfainneach, marbh. Ghom sheargadh féin i rith an charrghais: ag

claoidhe mo mhian lé troscadh is lé tréanas. Gach fás ag seargadh leis an spalla tiormaigh gan drúcht. Deir an dochtúir go bhfuil troigh a choise ag seargadh tar éis na hósbairte sin: ag dul i ngiorracht.

seargaim: *b.a. 7 n-a.* feóghaim, cnaoidhim, críonaim, seanguighim, caoluighim, crapaim. Do shearg a gné lé brón is anacair: thrághaidh an dath innte is chas an cneas ar a chéile. Shearg an féar leis an dtiormach, tháinig dath ruadh air: d'fheóigh: chas sé ar a chéile. Shearg an geimhreadh na cliatháin aca gur bhuaileadar ar a chéile nách mór: chaoluigheadar as a gcabhail. Seargóchaidh an croiceann ort leis an ngréin, táir dod dhóghadh aice: teannfaidh sé is imtheóchaidh an dath nádúrtha dhe. Ar an dtoirt atá ann pléascfaidh sé mara seargóchaidh sé: mara dtéigheann as. "Agus ar n-éirghe don ghréin do dóitheadh é; agus ar shon ná raibh fréamh aige do shearg sé" (Matha. XIII. 6): d'fheóigh sé lé tiormacht nó cheal súghlaigh fásta. Do shearg leathar mo bhróg ón uisce is ní fhéadfainn iad do chaitheamh: chrap sé ar a chéile: theann sé: chuaidh ann. "Do thiormuigh an fhíneamhain suas agus shearguidh an crann fíghe etc." (Joel I. 12): d'imthigh a dhath is dhein stalca dhe.

seargán: *f.1.* duine, ainmhidhe nó rud seirgthe. De cheal an bhídh a oirfeadh do, dhein seargán ar a chosaibh de: tháinig cuma chríon air is fuair an fhuil bás ann. Seargáin déanta des na gasaibh ag an spalladh tiormachta: rudaidhe meathluighthe: rinne stalca díobh.

seargtha: (**seirgthe**) *a.r.* crapaithe, feóighte, dreóighte, casta ar a chéile, stalcuighthe. Tá géag leis gearra bhreis ar an gceann eile, mar bheadh sí seargtha: stadtha d'fhás: stalcuighthe. Ní mór an luach na hainmhidhthe seargtha sin tar éis an dubhluachair: léirighthe, lom, caithte. An-sheargtha thaidhbhsigheann sé dhom tar éis na breóiteachta: caithte: tairngthe gan braon fola. Ar a bhfuil d'áthraighibh tráchtála curtha ar tóin puill ortha ní fhéadfaidís gan bheith seargtha go maith i dtaobh bídh: ocrach: ceal a gceart-chothuighthe ortha. Bheadh an croiceann seargtha ort i dtíorthaibh teó ag neart na gréine: tairngthe gan úire. Bíonn gach aon rud seargtha tar éis an gheimhridh: liath, caithte, lom.

seargthach: *a.* tiormuightheach, crapaitheach, feóighitheach, dreóidhteach. Níl aon rud budh sheargthaighe dhóibh 'ná an dubh-ghaothach: is mó a chrapfadh iad is a chuirfeadh i ndiaidh i gcúil ó fhás iad. Bíonn uisce seargthach ar leathar: crapann sé é.

seargthacht: (**seirgtheacht**) *b.3.* tiormacht, crapaitheacht, dreóidhteacht, feóighteacht. Ní fhéadfadh aon ainmhidhe barra a phuis do bhualadh ar an bhféar lé n-a sheargthacht tar éis an ghála: feóightheacht: é do bheith ar aiste an súghlach ar fad do bheith imthighthe as agus a dhath caillte aige. Scannruigh sé me lé n-a sheargthacht, níor thaidhbhsigh dom ann ach an scrogall is an t-iogán: caithteacht: luime: léirightheacht. Ní bhfaghfá aon bhlas ar na hubhlaibh céadna lé n-a seargthacht: castacht is ceal sughlaigh. Ní thabharfainn trí leathphingnidhe air lé n-a sheargthacht: a luime, a chaithteacht: ceal feóla.

searnach: *a.* tugthach, scaipitheach, leathach. Tá robar searnach: tagann as ar a tharrac. Géaga móra searnacha an chrainn thugadar fuarthan ón dteas dúinn: leathacha: iad ag síneadh i bhfad amach ón gcorp. Tráth bhí cómhacht shearnach na mara aca: fairsing.

searnadh: *f.* (*searanta*) síneadh, leathanughadh, fairsingiughadh, fadughadh. Is breágh an saoghal do cheap Dia dhuit ar do shearnadh féin mar sin go díomhaoin is an saoghal mór ag dubh-obair: ag síneadh do ghéag uait amach lé subháilceas. Níl a thuilleadh searanta sa téid seo: ní thiocfadh a thuilleadh aiste. Lé neart ceart bhíodar ghár searnadh rómpa: ghár dtiomáint is ghár scaipeadh.

searnaim: (**searnuighim**) *b.a. 7 n-a.* sínim, leathanuighim. Níor shearnuigh sé liom, dá mhéid tarrac do thugas do d'fhan sé sa bhfaid chéadna: níor shín: ní tháinig as. Deirtear go searnuigheann préacha crainn cómhfhaid lé n-a ghéagaibh: go sínid amach fén dtalamh.

searrach: *f.1.* (**siorrach**) óg an chapaill nó an asail; leanbh (neamh-lághach). D'imthigh sé ina rith searraigh (siorraigh): go ceann-uaiscneach, rúiseach. Is amhlaidh mar tá agat-sa leis an nduine céadna, dá méid suainseáin agat air id shearrach i ndiaidh gearráin: id chúlaistín: tnúthán: slíomadóir: gobadán lé béal cuaiche. Níl aon teóra lé searrach na deagh-lárach: an leanbh go mbíonn a mháthair go maith, is gnáth go mbíonn féin. "Fearthainn do laogh/ nó gaoth do shearrach/ uisce do ghé/ nó déirc do bhacach" .i. ní bhíd sásta gan. An bhfuil searrach innte: ar iomchar aice. Ní fada ó shearrach an láir: ó bhreith. "Triochad camall baineann go n-a mbromachaibh, ceathrachad bó agus deich dtairbh, fiche asal baineann agus deich searraigh": asail óga. An Láir 'san Searrach dhá charraig in aice Lios Póil. Sin é a ndéanamh. "Cad dhein seisean ó mhaidean?" – "inneósad-san duit, cuid an tsearraigh den gcléith": bheith ag féachaint ar an gcuid eile ag obair mar bheadh searrach ag leanamhaint a mháthar is í fén ualach. Ar mh'anam gurb é atá ina shirrichín dhéanta: ina gharsún chórach, fhuinnte.

searrachamhail: *a.* ar nós an tsiorraigh, rúiseach, scáthmhar, caol. Tá sí searrachamhail dá haois, níor théagruigh sí: caol, éadtrom. Níl an t-aos fós aice, ní hiongadh dhi bheith searrachamhail, ní thagann ciall roim aois: rúiseach.

searradh: (**searadh**) *f.* (*-rtha*) síneadh, leathanughadh, árdughadh, teannadh, crothadh. Ag searradh mo láimhe chuige d'iarraidh beartha air: ag síneadh. Ag searradh a géag chun an leinbh do thógaint ina baclainn: ghá leathanughadh amach. Bí ag searradh do chos leis an mbóthar anois: ghá síneadh: ag tabhairt na gcos do: ag siubhal chómh lúthmhar agus tá ionta. Is mithid do a dhrom do shearradh lé hobair: do shíneadh: é do chromadh chúiche. Corca Dhuibhne ag searradh i bhfad siar 'on bhfarraige: ag dul ina gob amach innte. Ghom shearradh féin tar éis éirighthe amach as an leabaidh: ag síneadh mo ghéag. Dubhart leis é féin do shearradh sa leabaidh: a chosa shíneadh. Nuair éirigh an cat do bhain sé searradh as féin: shín sé a chorp. Muinntir an tighe seo ina lán-shuan gan aon tsearradh do bhaint asta féin fós: gan éirghe. Nuair is cruaidh don gcailligh ghní sí searradh: cuireann sí dhi: ritheann sí. Ag searradh an lamhnáin lé gaoith do chur ann: ghá theannadh lé séideadh ann. Rug sé ar ghualainn orm is bhain searradh asam: stracadh. Mo thruagh na fir bhochta atá dhá shearradh ag an gcogadh so: dhá threascairt: dhá shíneadh marbh. Dá mbeinn ag gabháil de ó shoin ní fhéadfainn aon tsearradh do bhaint as, bhí sé chómh daingean leis an gcarraig: aon bhogadh nó an rud a bhí uaim ní raibh aon dul agam ar a fhagháil. Ní mór an searradh eile a raghaidh ort anois: an fás. Is maith atá sé ag

searradh, bail ó Dhia air: ag dul in aoirde is i dtéagar. Ní mór go dtabharfá aon tsearradh ar an lá fós, cad tá ann ach seachtmhain tar éis na Nodlag: aon fhaid bheag. Is iongtach an searradh gabhail atá aige: céim fada: scar mór fairsing. Bhíodh ag searradh a mhuiníl de dhruim mo ghualann go bhfaghadh liath-shúil ar an nidh a bhí im lámhaibh agam: ghá shíneadh. Searradh maith bóthair as so ann, go hárd os chionn trí fichid míle: faid bhreágh. Bain searradh as an bpíb seo: tairng ábhar seach di. Déin tu féin do shearradh ar thóin na nadhbhóige, ná bí id chrúnca mar sin: do ghéaga do scaipeadh. Bainfir searradh maith as an saoghal fós, níl aon chuma báis ort: tamall maith de bhliadhantaibh. Is iomdha duine a bhainfeadh searradh a shaoghail as an méid airgid a bhí agat: faid a shaoghail. Is mithid don sean-bhád bheith ag searradh as a chéile: a máillidhe ag deighilt ó chéile. Thug sé searradh fén árus ach ní ráinigh leis a shroichstint: shín sé a chorp is a lámh chómh fada agus d'fhéadfadh sé é. Téigheann searradh ar iarann leis an dteas: téigheann i bhfaid: tagann as. Searradh maith i gcliathán an oileáin: faid mhór ann. Ag searradh an fhéir lé speil fhaobharaigh: ghá bhaint: ghá threascairt. Ag searradh an bhídh oraibh chómh maith agus tá ar mo chumas: d'iarraidh a riartha i slighe is go sroichfeadh cuid gach éinne. Searradh builg atá aige: borradh.

searraim: (**searaim**) *b.a.* 7 *n-a.* sínim, leathanuighim, sroichim, borraim, séidim, crothaim me féin. Shearrfadh an t-oileán úd lé n-a fhaid siar isteach go Mearaice: shroichfeadh. Ní shearrfaidh an t-éadach san, is móide gurb amhlaidh a sheargóchaidh sé: ní thiocfaidh as – raghaidh ann. Mol an óige is tiocfaidh sí, searrfaidh san fós: borrfaidh a ghéaga: méadóchaidh sé. Ná searr do chosa nó beid sa tslighe orm: ná sín uait dá bhfaid iad. Searr do ghéaga lé hobair más mian leat airgead do bheith agat: bain as do ghéagaibh é: oibrigh leo: sín amach léi iad. Ní shearrfadh an anairt ar an nadhbhóig a thuilleadh: ní thagfadh aiste. Go searraidh ár seólta lé gaoith: go mborraid. Is greanta shearrann an capall san a chosa ag rás: a shíneann agus a scuabann talamh leo. Dá searradh a mhuinntir sumt dá gcuid airgid lé scolaidheacht do thabhairt do ní bheadh sé chómh dall agus tá sé: dá gcaithidís leis é. Searrann an lamhnán nuair cuirtear gaoth ann: borrann is méaduigheann. Shearras sall chun an ghunna a bhí ar an mbórd, ach chuaidh díom breith air: chromas mo chorp agus shíneas mo ghéag ina threó. Ná caith do chuid airgid ar fad anois, searr é: leath amach é. Gura fada go searraidh an bás do ghéaga: go sínfidh. Chaitheas amach as an leabaidh mé féin agus shearras mo ghéaga: shíneas iad mar bheinn ag crothadh tuirse dhíom. Rug sé ar an ualach, shearr sé é féin ó lúidín aníos, agus theilg uaidh é: theann agus shín sé a ghéaga 'sa mhatáin. Ní shearrfadh an téad i dtalamh, bhí sí ró-ghearra: ní shroichfeadh a faid é. An bhfuilir chómh hárd agus go searrfá chun an leabhair sin?: go sroichfeá é léd láimh chun beartha air. Is iomdha saighdiúir a searrfar sara mbeidh an cogadh so thart: a treascrófar. Dá searrfá do shúile b'fhéidir go bhfeicfeá an rud atá uait: dá n-osclófá iad agus féachaint id thímcheall. Siúd é an fear a shearrfadh na súile dóibh: a bhainfeadh leathadh asta lé hiongadh. Shearr mo shúile nuair chonnac cé bhí agam: d'oscluigheadar go fairsing agam. Shearras mo shúile siar chun farraige: leathas iad ag dearcadh go cruinn. Searr do shúile air sin féachaint an bhfaghfá aon dearmhad ann: leath do shúile air agus loirg go cruinn. Searr chugham anall: druid liom go hathchomair. Searr suas leis, ná bíodh aon eagla ort roimis: sín suas leis: tómhais do neart leis. Shearras aca go maidean: chuadhas chun suain aca. Searr thu féin ar an dtocht síos: sín siar. Searrann na hoileáin i bhfad soir ó dheas san bhfarraige: leathaid amach ina

sraith. Shearr sé anáirde chun beartha ar an bpeil: shín sé é féin go hiomlán. Shearr sí a géaga chun a bharrógtha: leath amach.

searratghail: *b.3.* síneadh, stracadh, leathanughadh. Ó am go ham bhíodh rud éigin ag baint searratghala as mo dharadha ná raghadh greamuighthe air: stathadh. Chaitheadh sé an lá i mbéal an dorais gan faic eile dhá dhéanamh aige ach ag baint searratghala as féin: ghá searratghail féin: ghá shíneadh. An mbíonn sé ag baint searratghala as an mbraon fós: iarracht anois agus airís. Cad é an tsearratghail atá agat orm-sa? bog díom: fo-stathadh. Bhíos ag searratghail ar an bpíp d'iarraidh gail do bhaint aiste: ag tarrac uirthe go géar, láidir. Ní capall maith fé ualach i gcoinnibh an aoird é, bíonn an iomad searratghala aige: stracaidhe dhá thabhairt aige. Cad é an tsearratghail atá ort sa leabaidh sin brisfir í: ionfairt. Ar an searratghail atá ar an ainmhidhe sin, tá rud éigin air, is mío-shuaimhneasach liom atá sé: an síneadh is an cromadh. Ná bíodh aon tsearratghail agat léd cheann nó leagfair an lampa atá ós do chionn: síneadh ná sáthadh anáirde. Tá deireadh a chuid searratghala déanta anois: corradghala: tá sé marbh. Bhain an taom san a fuair sé searratghail mhaith as: crothadh maith: shuaidh sé an t-anam as. Ní ag rámhaidheacht do bhíonn sé ag searratghail: stracaidhe gan éifeacht.

searratálaidhe: *f.4.* duine a bhíos corradghalach, ionfairteach lé linn gnímh. Leagfaidh an searratálaidhe gach aonnidh ina thímcheall: duine corruightheach, corrthónach. An bhfeacaís aon tsearratálaidhe riamh ar shuidheachán ach é: duine a bhíos ghá ionfairt féin. Féach na háraistidhe leagtha ag an searratálaidhe: duine a bhíos ag ionfairt lé n-a ghéagaibh gan aire do thabhairt do féin: ionfartálaidhe. Searratálaidhe capaill, etc.: ná hoibrigheann cómhshnáthach.

searróg: *b.2.* iasc beag crón-dhearg go ndéanamh an langa, dhá chluais uirthi, guinidhe beaga uirthi agus dhá liopa fé bhun na sceólbhaighe. "Ní hiasc é sin ach searróg", deirtear le hiasc mion.

searr-shúil: *b.* (*s-shúl*) súil a thaidhbhsigheas mar bheadh stracadh aiste. Tháinig searr-shúile dho nuair cuireadh iongadh air: tháinig féachaint do mar bainfí preab as. Budh thaithneamhach an bhean í mara mbeadh searr-shúile do bheith aice: súile go mbíonn cor ionta.

searr-shúileach: *a.* cor-shúileach, claon-shúileach. Aon locht níl air ach é do bheith searr-shúileach: casadh do bheith ina radharc. Thug sé féachaint shearr-shúileach orm, budh dhóigh leat go raibh sé ar intinn me do shlogadh: do ráinig crot urchóideach ina radharc.

searr-shúilighe: (**searr-shúilghe, searr-shúileacht**) *b.4.* an dá shúil do bheith ag dearcadh i malairt treó. Leis an searr-shúilighe atá ann ní fhéadfá a bhreithniughadh ina cheart cathain bheadh sé ag féachaint go cruinn ort: scagathacht radhairc.

searrtha: (**seartha**) *a.r.* borrtha, séidte, sínte, tairngthe. Dathad órdlach de thímcheall ag m'ucht searrtha: borrtha: ar mbeith dom anáil súighte isteach. Mo chosa searrtha uaim: me ar mo shuaimhneas. An téad chómh searrtha is féidir í do bheith: tairngthe. A géaga

searrtha aice chun a bharróg tha: sínte, leathanuighthe amach. Tá an t-airgead searrtha go maith agat is a rádh gur mhair go dtí so: faduighthe.

seasachas: *f.1.* sos, stad, aitreamh. Tá seasachas ar an obair ar feadh seachtmhaine 'e cheal úirlisidhe: stad: fóill. Thairngeadar cois conntabharthach agus d'fhanadar sa tseasachas san gur óladar a ndóthain: san ionad san.

seasamh: *f.1.* d'éirghe anáirde díreach; fanacht cruinn díreach mar duine ar a bhonnaibh, cothughadh, cómhnaidheacht, cosaint, fulang, bruic, iomchar, suidheamh, stáid, aiste, cuma; achmaoin, ionadacht, greim cos, buaine, iontaoibh. Féach ar an seasamh saighdiúra atá aige: a chorp ar bonnaibh cruinn, díreach, aireach. Níl aon tseasamh aige ameasc na ndaoine, ní bhfaghadh sé céad guth ar a thaobh indiu sa cheanntar: níl sé árd i dtuairm ná i meas na ndaoine. Mara mbeadh é do bheith caoch glan ar meisce do bheadh a sheasamh aige: d'fhéadfadh fanacht díreach ar a chosaibh. Áit an-shleamhain é sin, an bhfuil do sheasamh agat ann?: an féidir leat do bhuinn do choimeád? Is fada an seasamh annsan agat é: an fanacht: an mhoill. An oiread san dighe caithte ag an scramaidhe ná raibh a sheasamh aige: é ag tuiteam 'sag éirghe. Tá an long ina seasamh annsan ó mhaidean: gan corruighe as an ionad. Cé tá ag seasamh an turus so? mise do sheasaimh an turus déidheannach: a ghlaodhfas is a dhíolfas ar dhigh nó pé rud atá ag imtheacht. Cheapfadh éinne ar an slighe atá sé ag caitheamh airgid ná beadh faic aige, is mór an seasamh aige leis é: an fulang: do-chaithteacht. Mór an fhoidhne a thug Dia dhuit, is mór an seasamh agat leis an gcladhaire sin é, ná fuil sé ruaigthe as t'fheadhmannas fadó riamh agat: an fulang, bruic: gabháil lé. Is é an seasamh fada agam ar chosaibh laga bheith ag feitheamh leat: bheith san ionad chéadna ag fanamhaint thar na tráthanna. An-sheasamh atá déanta agat is a bhfuil de chruadhtan beartha ort: tástáil mhaith ort, agus chruthuighis go rabhais i ndán gabháil tríd gan beann. Is maith an seasamh atá fós ann: gan cromadh ar bith tagtha air. An méid a thairngeas duit ar an áit, tá sé ag seasamh fós: gan cor air. Bí ag seasamh chun na gaoithe: ag fanamhaint níos géire uirthi. Thugamair fé ndeara gur mó a bhí an long ag seasamh uainn ná ag seasamh linn: ag coimeád uainn. An bhfuilir ag seasamh air go dtiocfaidh sé?: ag braith air?: iontaoibh as. Mara mbeadh é bheith ag seasamh, an t-aindeiseóir, ar pé cabhair bheag is féidir liom-sa do thabhairt do, do bheadh thiar air: ag braith. Ar thug sé fé sheasamh?: iarracht do dhéanamh ar dhul ar a bhonnaibh. Mo sheasamh ort anois nó riamh, ná bíodh sé den mío-ádh ort go dteipfir: mo mhuinghin go hiomlán asat. Ar an méid do thuilleann duine a bhíos a sheasamh: a bhraith chun a chothuighthe. An bhfuilir ar tí seasamh ar an gcainnt sin?: cur léi: gan dul ina cois: bheith freagrach innte. Sé an bata lobhtha dhuit bheith ag seasamh air: muinghin do bheith as go ndéanfaidh sé rud áirighthe. Is fada leis gach neach an fhaid atá an cogadh ag seasamh: ag maireachtaint: ag leanamhaint de. An bhfuilir ag seasamh an bhaill fós go maith?: ag congbháil do ghreama: tu neamh-spleádhach. A dhuine mhacánta, níl ghá dhéanamh agat ach ag seasamh do chirt leo: ag cómhrac ar do shon féin. Ag seasamh dos gach éinne a bhuaileas leis: ag tabhairt di dhóibh. Chaith sé a shaoghal ag seasamh dos na daoinibh is budh bheag é a mbuidheachas ar a ndeárna sé dóibh: ag obair ar son a dtairbhe. Is maith an seasamh atá dhá dhéanamh ag an aimsir: fanacht breágh. An seasamh atá ina radharc ní fuláir nó cuireadh scannradh saoghalta air uair éigin: cuma fhiadhain, neamhshuaimhneasach. Ní fhéadfainn an ball do sheasamh níos sia, bhí sé ró-dhian orm: é d'fhulang. Táim chun seasaimh ar an gcéad togha eile: chun cur isteach ar

bheith ar choiste, chómhdháil nó dream gnótha éigin. Thuit sé as a sheasamh is d'éag sé: treascaradh ar an láthair é gan choinne. Léimfidh sé as a sheasamh nuair chloisfidh sé é: tiocfaidh fionnach air. As an seasamh san d'imthigh sé agus ní feacthas ó shoin é: gan aon ghleódh ná cainnt ina thaobh. Thug sé an lá ag ól gan seasamh é féin: gan comaoin na dighe do thabhairt d'éinne. Féach, an truaghán do chuir an teicheadh air, is é an fear gan seasamh é: cómhrac: meathtach eisean. Táim-se lé seasamh leat: bheith mar cháirdeas pósta nó báistighe. Bíodh na fiacha san lé seasamh go huair éigin eile: gan iad d'íoc. Scaip an ráfla ná raibh an baile lé seasamh againn: troid chun a choimeádta. Sin iad na cuaillidhe atá lé cur ina seasamh: sáidhte sa talamh. Ní dhéanfad aon tseasamh leis is baoghalach, tá sé ró-mhaith dom: fulang. "Connus tá sé?" – "tá an seasamh céadna fós aige": chómh díreach, láidir agus bhí riamh". Áit chómh sleamhain sin is ná faghainn mo sheasamh ann: greim mo chos. Níl a sheasamh aige, tá an oiread san ólta aige, tá sé chómh lag san, etc.: níor bh'fhéidir leis fanacht ar a bhonnaibh. Ar gach cuma ar nós críostaidhe maith, táir ag seasamh tola Dé: ag déanamh teagaisc Dé. Déin as do sheasamh é, ná moilligh nóimint: ar an dtoirt. D'éirigh sé ina sheasamh agus chroith lámh liom: d'éirigh sé den áit ina raibh suidhte. B'éigean dom teicheadh, ní fhéadfainn an fód do sheasamh a thuilleadh: cómhrac in aghaidh mo namhad: mo ghreim do choimeád mar a rabhas. Beó, bocht, dealbh is gan seasamh mo cháis agam: aon tacaidheacht. Nuair bheidh an chulaith nuadh so ort ní bheidh seasamh ag neach beó leat: ní féidir dul i gcómhnáird leat. Gach aon rud ina sheasamh fós: gan cor curtha d'aon rud ach mar bhí i dtúis. Thug na bróga san an-sheasamh uatha, táid i bhfad agat: buancas. Fear seasaimh (seasta) a chirt é sin: fear a throidfeadh a chion. Fág iad go léir ina gceart-sheasamh mar sin: san ionad agus ar an aiste-cheart. Bean deigh-sheasaimh gur bhreágh leat féachaint uirthi ag siubhal na sráide: cuma líomhtha uirthe is í ar nós an ghéine lé dírigheacht ag gluaiseacht. Fuairtheas ina chroma-sheasamh marbh leis an gclaidhe é: leath-sheasamh: na coinnlínidhe briste is iad cromtha. Caithfead mo thriail do sheasamh i láthair Dé ar nós chách: gabháil tríom chortaibh is cunntas do thabhairt ionam féin. Daoine chómh hiomadamhail sin ann go rabhadar ag seasamh ar shálaibh a chéile: dingcthe, palcuighthe ar a chéile. Cé atá ag seasamh siopa indiu duit go bhfuilir as baile?: ag friotháilt ann. Sin é an droich-sheasamh do thug an chulaith sin uaithi, níor mhair sí an bhliadhain shlán: níor thug sí aon chaitheamh uaithi. Ag seasamh i dteannta na lag do chonnac riamh é: ag tabhairt a chabhartha dhóibh. Thabharfá fé ndeara an urchóid ina seasamh ina cheannaghthaibh: lé breithniughadh go soiléir. An duine bocht lé Dia, tá an mhacántacht ina seasamh ann: lé feicsint: scríbhte air. "Mo sheasamh ort, a bhuachaill", deirtear le duine go mbíonn air gníomh do dhéanamh, agus gur dhíth dá dteipeadh air. D'éirigh sé ina choilg-sheasamh amach i lár an tighe ag cur bruighne ar éinne a raghadh leis: de léim go feargach. An bhfuil seasamh seachtmhaine de bhiadh againn?: oiread is dhéanfadh i rith na feadha san sinn. Na bíodh aon fhaitchíos ort im thaobh-sa, tá seasamh na hoibre ionam: fulang. Ní dóigh liom go bhfuil sé de sheasamh ionam siubhal an fhaid sin: buancas. "Bod i Seasamh" ainm stacáin mhóir aoird ar chliathán Inis Tuaisceart. Bain seasamh as san anois: tairng siar as: cuir i bhfaid é.

seasc: *a.* aimrid, tirim, i ndísc, gan pósadh, tur, gan "súil", gan geineamhaint, follamh. D'imthigheadh an bhó seasc ó bhliadhain: gan laogh. Táid idir loilgheach is sheasc aige: ba bainne is ba gan bainne. Beithidhigh sheasca is mó go raibh glaodhach ortha: gan laogh ionta. Leigeadh seasc í chun a reamharuighthe: i ndísc, tirim. Is fearr buaile seasc

ná buaile folamh: is fearr ainmhidhthe gan laogh id sheilbh ná gan aon ainmhidhe. An fharraige imthighthe seasc, ní bhfaghfá breac innte: gan iasc. Cad thárlóchaidh don ndúthaigh? tá sí imthighthe seasc: gan clann ag teacht ar an saoghal, ná éinne ag pósadh. Bean sheasc dob eadh í: aimrid. Ní mór den bhfeóil sin d'fhéadfadh duine d'itheadh, tá sí ró-sheasc: tur: gan sughlach. Bhuaileas isteach leis an dtart ar tí go bhfaghainn deoch agus b'éigean dom bualadh amach chómh seasc céadna: chómh tirim. Beir gan sicínidhe, a bhean, uibhe seasca atá agat, ní bhfuair do chearca an coileach: gan geineamhaint. Talamh seasc seadh é, ní mór an leasughadh fuair sé riamh: talamh gan puinn tabhartha. Lámh chártaidhe chómh seasc is buaileadh chun fir bhoicht riamh: gan aon tairbhe. Brathaim m'inchinn an-sheasc an aimsir seo, ní thagann liom cuimhneamh ar aon rud fóghanta lé scríobh: aon chorruighe chun machtnaimh. Níl aon talamh sa cheanntar is seisce 'ná é, ní thabharfadh sé arbhar ach go holc: is lugha tabhairt. Briathra seasca atá agat mar bhí riamh, ní fheacamair riamh uait ach cainnt, cainnt: focail mhóra is mogaill fholamha. Ní mór ná go bhfuil an baraille seasc, altuighidh leis anois: imthighthe i ndísc. Scioltán seasc é seo, ní fhásfaidh faic as: ceann gan aon tsúil.

seasc-: *i gcfbh.* lom, tirim, neamhthortamhail. Seasc-bhó: ceann a bheadh dulta i ndísc. Seasc-bheithidhigh: beithidhigh ná fuil gamhna ionta. Seasc-chnóidhte: cnóidhte gan eithne. Ná pósfá dhuit féin, a Mháire, is gan bheith it sheasc-chailleach: sean-mhaighdean. Páirc sheisc-fhéir ná buailfeadh na hainmhidhthe a bpus air: féar garbh, tirim gan súghlach. Níl aon rud ná go dtagann seasc-laetheanta air: amanna ná bíonn rud flúirseach nó ar aiste mhaith. B'shin iad na seasc-bhliadhanta ar dhaoinibh, budh dheacair scilling do thuilleamh ná do dhéanamh de sheift: dealbh: lom: bocht. Seasc-thalamh ná déanfadh sé aon díoghbháil a bhriseadh agus a chur: talamh atá i bhfad gan ionnramháil gan leasughadh.

seasca: *b.4.* tiormacht, aimrideacht, neamh-thabhairt, luime. Ní thabharfadh sé barra maith ar sheasca na cré ann: luime: neamhthorthamhlacht. Cá bhfaghfá iasc? Cad dhéanfadh seasca na mara: gan toradh innte. Seasca na talmhan atá ag teacht leis ná bíonn féar fada air: a thiormacht: gan aon íle do bheith sa chré.

seascach: *b.2.* aon rud a bheadh neamh-thorthamhail. Seascacha a bhfuil d'ainmhidhthibh ar féaránach ann: gan laogh ionta. Ní thaithneóchadh a chuideachta liom ar bhóthar fhada níl ann ach seascach gan sult: duine tur. An diabhal rud a fhásfadh sa tseascaigh seo, ní mór go bhfuil an féar féin ann: talamh tirim gan tabhairt.

seascacht: *b.3.* luime, neamh-thorthamhlacht, aimrideacht. Amach fén bhfásach in Afraice níl ach seascacht ar fad, i bhfo-áit do gheóbhfá aon tsaghas fáis: neamh-thorthamhlacht. Is mór an tseascacht ar an bhfarraige é ná faghfá breac éisc innte: neamhthoramhlacht: ceal. Seascacht na mbó ná fuil braon bainne againn lé cur ar thé ná ar chaifí: dísceacht: tiormacht. Lé seascacht na talmhan ní thabharfadh sé aonnidh cóir: gan an mianach ceart do bheith ann.

seascadh: *f.* (*-ctha*) do dhul i ndísc, rith tirim, i neamh-thortamhlacht, seargadh. Tá an fhuil ag seascadh id ghné: ag fagháil bháis. Leis an spalla tiormaigh seo tá an tobar ag seascadh, ag dul i ndísc: tiormughadh. Gan comhthrom do thabhairt don dtalamh is gan a

chur chómh minic raghaidh seascadh air: olcas: ní bheidh sé chómh torthamhail. Mo chorp is mo chnámha ag seascadh leis an aois: ag seargadh. Beidh clann fós aice, níl aon tseascadh ar a ballaibh: aon dul chun neamhthorthamhlachta uirthi.

seascaim: *b.a. 7 n-a.* díscighim, tiormuighim, déinim neamh-thorthamhail, seargaim. Nách mór mar sheasc an fharraige, ná fuil iasc lé fagháil: mar d'imthigh an tabhairt aiste. Samhradh árd-thirim a tháinig gur sheasc na toibreacha is na mion-shruthanna, b'éigean dul tamall maith ag triall ar uisce: go ndeaghadar i ndísc. Seascfaidh na pócaidhe sin agat-sa, is ní fada go dtí é mara staonair den scléip: seargóchaid: imtheóchaid gan faic do bheith ionta. Seascóchadh sé í gan bheith ghá chrudh: d'imtheóchadh sí tirim dá bharr. Ar an gcrot atá ag teacht ar an saoghal seascóchaidh gach aonnidh: tiormóchaidh: raghaidh chun deiridh.

seascair: *a.* socair, réidh, compórdach, cluthair, ciúin, sásta, aoibhinn. Is maith, seascair an áit gur chuiris t'inghean: inneallta: compórdach: áit go mbeidh sí ar a toil ann. Cathaoir sheascair annsan fút agus teine bhreágh déarfainn go mbeifeá sásta: go mbeadh suaimhneas cuirp a bheith innte. Chidheann é ag síneadh tharais sa chúinne ar shop tuighe lé hais teineadh bhreágh mhóna níos seascaire 'ná dá mbeadh sé i leabaidh chlúimh: níos sásta maidir lé n-a chorp is lé n-a aigne. Tigh a thaithneóchaidh leat seadh é, tá sé tógtha in áit an-sheascair: réidh, cúláisteach. Cad is seascra 'ná cat ina chuaille leis an ngréin lá samhraidh?: is socra ná is mó a bhraitheas aoibhneas. Seanduine seascair é sin, bíonn gach éinne sa tigh go maith dho: atá ar a thoil féin. Shuidheas i gcúil sheascair carraige ag dearcadh uaim amach ar an muir ag machtnamh ar a diamhaireacht: áit shocair, réidh, shuaimhneasach. Mhairfeadh sé go seascair ar a bhfuil de ghustal aige gan aon lá oibre do dhéanamh: go subháilceach gan brón gan dochma.

seascaire: *f.4.* duine a bhíos ar a thoil féin maidir lé beatha dho; fear aontumha. Ní fiú dhom, ó nár phósas go dtí so, gan fanacht im sheascaire feasta leis: seascán: fleascánach. Is é atá ina sheascaire annsúd má tá éinne beó, gach aon rud aige a iarrfadh a bhéal: duine sásta leis féin agus leis an saoghal mór.

seascaireacht: *b.3.* (**seascaire**) suaimhneas, subháilceas, cluthaireacht, caothamhlacht, sochmacht, sástacht, aoibhneas. Má tá éinne ar a sheascaireacht anois táim-se, a bhuidhe lé Dia, níl ceal ná mairg orm: sástacht, socracht. Bhraithfeá an tseascaireacht atá i leabaidh mhaith nuair shínfeá innte: subháilceas chun suaimhnis do thabhairt don gcorp agus chun codlata. Tá seascaireacht bheith ag feirmeóireacht ar thalamh réidh seachas bheith ar thaobh cnuic: suaimhneas. Chidhim an uile lá ar a sheascaireacht é: ní fheaca riamh broid ná buairthé air: ag breith breágh fada, bog, réidh ar gach nidh a thagas treasna air. Ní haon tseascaireacht dom teacht in bhur measc-sa, tá an iomad gleóidh is dul trí chéile agaibh: suaimhneas. Phós sé airgead is bean bhreágh, tá seascaireacht shóghamhail aige: ar a thoil féin ar fad. Tá teasbach uirthe, sin tá uirthe, díomhaointeas is seascaireacht builg: gach nidh is mian léi maidir lé biadh. An áit go bhfuil do thigh tógtha agat tá seascaireacht ón sín ann: fothain. Tigh deagh-thógtha é, bhraithfeá an tseascaireacht ann chómh luath agus thiocfá isteach: clutharacht agus subháilceas. Dhiúltuigh sé seascaireacht leapan is béile, ghaibh a bhuidheachas agus a bhóthar: sóghamhlacht: an subháilceas a thabharfaidís do. Tá uisce cómhgarach dá thigh ar an

seascaireacht is mó iarrann sé: áis. Gan maoidheamh is dóigh liom gur mhair an bheirt aca i seascaireacht chómh maith agus mhair aon bheirt, níor airigheadh riamh easaontas eatartha: dheineadar réidhteach lé chéile: i subháilceas éintighis. Dhein an iomad seascaireachta piteánta é: sóghamhlacht na beatha bhain sí an fhearamhlacht as. Ag dul ar an seascaireacht i gcómhnaidhe dho: ag teicheadh ó is ag seachnadh na hoibre.

seascánach: *f.1.* fear aontumha, aon rud aimrid, neamh-thorthamhail. Mara mian leat pósadh fan id sheascánach choidhche mar sin: aontumha. Ceathrar seascánach ban sa pharróiste againn: mná aimrid.

seascas: *f.1.* tiormacht, luime, neamh-thorthamhlacht. Raghaidh an talamh chun seascais cheal leasuighthe: ní thabharfaidh sé aon toradh. A bhean imthighthe chun seascais air ní bheidh de chlainn aca ach an t-éinne amháin: gan tuilleadh tortha.

seascughadh: *f.* (*-uighte*) dísciughadh, tiormughadh, lomadh, dul i neamhthorthamhlacht. An chré is seascughadh leis an dteas anois: an úire ag imtheacht aiste. Toibreacha an cheanntair ag seascughadh leis an dtiormach ar fad: ag dul i ndísc. Raghaidh an bhó chun seascuighthe má stadtar dá crúdh: imtheóchaidh sí i ndísc. An fharraige ag seascughadh maidir lé hiasc: gan í bheith ag tabhairt aon tortha uaithi.

seascuighim: *b.a. 7 n-a.* díscighim, tiormuighim, déinim balc de, cuirim ó thoradh. Má leigtear dos na trollairidhibh seo i bhfad eile seascóchaidh an fharraige: dísceóchaidh ó iasc í. Deirtear go seascuigheann an iomad mine ba bainne gurb amhlaidh reamhruighid ina ionad: go gcuireann i ndísc iad: go gcuireann siar ina gcuid bainne iad. Dá mhéid an churadóireacht a déanfaí air ní sheascóchadh sí an talamh úd: ní bhochtnóchadh.

seascuighthe: *a.r.* díscighthe, tiormuighthe, etc. Pócaidhe seascuighthe tar éis oidhche cártaidhe, gan oiread is cheannóchadh gal tobac: folamhuighthe: scriosta. Tá an fharraige seascuighthe ar fad ó iasc: scriosta: imthighte gan é.

seasmhach: *a.* bunuighthe, buan, dílis, muinghineach, suidhte, meáidhte, cómhnaidhtheach. Gheall sé dhom agus táim deimhnightheach ná clisfidh sé orm, duine seasmhach seadh é: fear a néas amach dá gheallamhaint. Beart seasmhach í seo má gheibheann sí í, fágfar innte i rith a shaoghail é má cheapann a shuaimhneas: cómhnaidhtheach. Ní dhéanfaid sin fallaidhe seasmhacha, níl an tógáil ortha: buana. Níl aon fhocal dá ndubhairt ná go mbeidh sé seasmhach leis: go gclaoidhfidh sé leis. Ná tuigtear duit gur féidir é do chur i ndiaidh a chúil chómh bog agus is dóigh leat, tá sé árd-sheasmhach agus ní furaiste eagla do chur air: daingean ina rún. Tá sé saor ach an mbeidh sé seasmhach? sin í an cheist: buan: an dtabharfaidh sé caitheamh maith uaidh? Beidh súd seasmhach dá fhocal, is beag baoghal, ní bhrisfeadh é mara bhfaghadh Éire saor ar leithrigh: dílis, buan. Bead-sa seasmhach duit, is cuma liom cad chosnóchaidh sé orm: teanntuightheach: ní thréigfead thu. Níl focal seasmhach aige: ní chóimhlíonann sé é. Níl aon droch-fhuadar in ao'chor fútha chun imeartha má táid seasmhach: buan. An uile rud chómh seasmhach is bhí nuair fhágais: daingean: gan cor do chur díobh. Is ionmholta bheith seasmhach ar son an chirt: claoidhe leis is gan é do thréigean. Cara seasmhach agus é cruthuighthe go minic aige: daingean, leanamhnach. Bead buan-tseasmhach ná

bíodh eagla ort, ní staonfad go n-éireóchaid nó go dtuifead tríd: coingheallach, dúthrachtach. Níor mhaith liom dul ina threis i gcúrsa tábhachtach mar é seo, is neamh-sheasmhach liom é: luaith-intinneach: neambuan. Obair dho-sheasmhach ar an mbiadh a bhí dhá fhagháil againn, b'éigean dúinn éirghe aiste: nár bh'fhéidir d'fhulang. An bhfuil an fharraige soi-sheasmhach an dóigh leat?: an féidir fanamhaint uirthi gan chonntabhairt. Ní soi-sheasmhach mála folamh: ní fhanfadh anáirde ar a thóin as féin.

seasamhacht: buaine, bunuightheacht, daingneacht, cómhnaidhtheacht, iontaoibh. Dá mbeadh aon tseasamhacht ionat ní chuirfeadh an giofaire sin it éisteacht thu: clódhchas chun é do chómhrac: aghaidh do thabhairt air: meisneach do ghlacadh chuige. Dá mbeadh seasamhacht do chirt ionat ní leigfeá dos na daoinibh tu do phasáilt: tú féin do chur in iúil mar budh chóir. Níor thug na bróga san aon tseasamhacht uatha, ní fada gur leigheadar as a chéile: ní raibh aon bhuancas ionta. Seasamhacht cheart atá tugtha aca lé ráithe sa bhaile sin is an namhaid ghá rúscadh de ló agus d'oidhche: triail mhór: cródhacht. An tseasamhacht faobhair a chuireann sé suas a chuirfeadh iongadh ort: an bhuaine. Bhí mo sheasamhacht air i gcómhnaidhe, cheapas ná clisfeadh sé: mo mhuinghin as. Dá mbeadh seasamhacht fir ann ní obfadh sé an t-achrann d'adhain sé: meisneamhlacht. Creideann sé go bhfuil seasamhacht i bhfeóil: buancas chun nirt do chur i nduine.

seasta: *a.r.* i seasamh, díreach anáirde ar bonn etc., cómhnaidhtheach. Bíonn sé ann go seasta san oifig: do shíor is do ghnáth. Maididhe seasta agus téad ortha chun na ndaoine do chosc ar dhul ar chródh na himeartha: maididhe ar a gceann. Chidhfeá an bata seasta annsúd mar ar chuir sé i mbarr na binne fadó riamh: sáidhte in a sheasamh. Bí mar mhaide seasta agam: mar chosantóir. Fear seasta é sin ná tabharfadh a chúl leat dá mbeireadh an bhroid ort: fear dílis a raghadh chun do chónganta.

seasuighim: *b.a.* ₇ *n-a.* éirghim im sheasamh, ar mo bhonnaibh, cuirim ina sheasamh ar ceann; stadaim, sosaim, mairim, fuilngim, bruicim lé, cosnaim, tacuighim. Sheasuigheadar an ball d'aindeóin ar deineadh chun iad do chur as: choimeádadar a ngreim ann. Do sheasaimh an bád droch-fharraige mhaith: ghaibh sí tríthe gan bascadh dhi. Sheasuigheas é an fhaid fhéadas is níor bh'fhada san, bhí teanga ró-bhorb aige: bhruiceas leis: d'fhoidhnigheas leis. Sheasaimh deoch don dtigh: ghlaoidh uirthe is díol aiste do n-a raibh láithreach. Seasaimh amach annsan má tá aon mheas fir agat ort féin: féach troid liom. An seasófá dhá dhorn liom?: an raghfá i dtreis babhta dornála liom? Ní sheasuigheann (seasann) sac follamh: ní fhanann díreach anáirde ar a thóin. Is é a fhaid ar a ghiorracht é gur fada do sheasaimh an méid bídh a bhí ann leis an scata suthaidhe a bhí ag déanamh air: gur mhair sé. Cé sheasaimh leis an leanbh?: cé chuaidh chun baistidhe leis?: cé bhí mar cháirdeas aige? Sinne araon a sheasaimh leó an lá do phósadar: a bhí mar cháirdeas pósta aca. Sheasuigheadh bean na leathshúl lé corr ubhall is briosca is milseáin ag an dTigh Dóighte gach aonach is margadh: d'fhanaidís ann ina fheighil. An seasóchair liom má cuirtear barra méire orm?: an dtógfair páirt liom?: an dteanntóchair liom? Seasaimh orm, ní thréigfead thu: bíodh muinghin agat asam. Níor sheasaimh sé geallamhaint riamh: níor chóimhlíon: ní fear dá fhocal é. Siúd é an fear a sheasóchadh i mbearnáin an bhaoghail: ná beadh ar iarraidh nuair bheadh call leis. Seasóchadh an fód faid agus bheidh brigh ionam: ní thréigfead mo dhualgas: ní raghad i ndiaidh mo chúil. Seasaimh do cheart leis: tagair é. Seasóchad-sa an siopa dhuit faid bheir as baile:

tabharfad aire dho. Mise an fear a sheasaimh duit nuair a bhí gach éinne ag tromaidheacht ort: a labhair ar do shon. Sheasaimh an tsláinte mhaith dho i gcómhnaidhe trí gach anacair agus anródh: budh mhór é a cóngamh nár theip sí air. Do phóca is sia a sheasóchadh duit: b'é an cara is fearr a bheadh agat é. Má sheasuigheann an cogadh so déanfaidh sé scrios ar an saoghal: má leanann air i bhfad. Níl ann anois ach an fhaid a sheasóchaidh sé go bhfóirfidh: saoghal geairrid atá roimis: níl ann ach an áirighthe sin. An seasóchair ar m'fhocal?: an dtógfair m'fhocal mar thacaidheacht leis? Is gearr a sheasuigheas airgead amadáin: ní fada a bhíonn sé ag scaramhaint leis. Cad n-a thaobh ná seasuighir do mhargadh?: ná téighir dréir t'fhocail. Ní dócha go seasóchaidh sé an oidhche tá sé an-lag: go mairfidh. Nuair chloisfidh sé an bás so, ní sheasóchaidh sé é: claoidhfidh buadhairt é. Níl aon lá den mbliadhain ná go seasóchad as: ná go ndéanfad tacaidheacht leat. Ní sheasuigheann gaoth mhór: an té go mbíonn an iomad fuadair fé nó an iomad cainnte is gnáthach gurb é is túisce theipeann. Caithfeam stad ambas, níl a thuilleadh airgid againn, ní sheasuigheann rith maith don each i gcómhnaidhe: ní choidhche is féidir réim mhór do chothughadh. "Is breágh díbh é má sheasuigheann díbh", deirtear lé daoinibh go mbíonn seascaireacht an tsaoghail aca. Faid is sheasóchaidh airgead dom, seasóchad duit: an fhaid agus pinginn im spaga déanfad tacaidheacht leat. "An raghair go hÁth Cliath im fhochair?" – "seasuigheann san ar mo chuid airgid": dréir mo ghustail airgid. Tá mo dhícheall déanta agam-sa dhuit, seasuigheann an chuid eile ort féin: ar do ghníomh féin atá an chuid eile ag braith anois chun éirighthe leat nó tuiteam. Má sheasuigheann an aimsir dúinn beidh an fóghmhar réidh go luath againn: má fhanann sí fabhrach. An té a sheasóchadh dom sheasóchainn do: an duine a thacóchadh liom. Má seasuigheann a chiall leis an airgead so go léir atá tuitithe isteach air: má fhanann sí aige d'aindeóin mhearbhaill an airgid. Budh mhaith an fear mé dá seasóchadh dom .i. beifí mór liom, buidheach díom dá mbeadh gustal agam lé caitheamh ar dhaoinibh chun gnaoi do choimeád ortha. Seasuigheann sé sé troighthe glan ina stocaidhibh: tá sé an méid sin aoirde. Sheasaimh sé ar a sháil nuair glaodhad air: ní dheaghaidh sé a thuilleadh chun cinn. Ná seasaimh an dréimre i gcoinnibh an fhalla: ná cuir ina sheasamh é.

seasuighthe: *a.r.* curtha ina sheasamh, fanta ina sheasamh, bruicithe lé, fuilngthe, glaoidhte, díolta as. Tá fiche deoch seasuighthe aige lé gach digh leat: tugtha uaidh aige. Ar an gclódh atá air agus ar ar ghaibh sé tríd tá seasuighthe go maith aige: tagtha as gan puinn de rian an anróidh air. Níl ach a rádh go bhfuil an tigh seasuighthe tar éis na hoidhche: go bhfuil sé os chionn a chéile d'aindeóin ar bhuail é. Tá an cogadh seasuighthe amach go maith againn gan aon bhaint do bheith againn leis: curtha dinn againn. An bhfuil na cuaillidhe i gcóir an ghuthadáin seasuighthe fós: curtha ina seasamh 'on talamh. Ní gábhadh dhom aon náire do bheith orm, tá mo thaobh den mhargadh seasuighthe agam: cóimhlíonta. Um an dtaca san bhí an cúrsa go léir seasuighthe ar an rud adéarfainn: is fúm a bhí cinneadh air. Tá an scrúdughadh seasuighthe go maith agat: an cruadhtan a bhain leis ghabhais tríd gan teip. Níor fágadh pioc de seasuighthe: leagadh é uile go léir. Tá cos sheasuighthe san áit fós agam nár thugas suas d'éinne: buannacht agam ann. Níl an lá seasuighthe go ró-mhaith agam: tá sé goillte orm: táim suaidhte aige.

seasuightheach: *a.* marthanach, daingean, buan, socruighthe, dílis, comhnaidhtheach. Ar an gcuma atá lastuaidh air is eagal liom ná beidh an aimsir seasuightheach: buan mar tá sí anois. Ní mór í mo thástáil air, ach ón méid atá bíodh muinghin agat as, déarfainn go

bhfuil sé seasuightheach: ná hathróchadh sé a aigne. Bead-sa seasuightheach di, is cuma liom cad thárlóchaidh di: dílis: cabharthach. Is maith seasuightheach ar a chosaibh do shiubhalann sé: fuadramhail: éascaidh: talamhaidhe. Sa deireadh tá beart sheasuightheach aige agus d'oir san do mar ná raibh aige ach sealanna oibre: marthanach: cómhnaidhtheach. Tá sé chómh seasuightheach san air gur deacair é do chrothadh: chómh daingean, dearbhtha. Caith uait cainnt uirthi tá an fhaill úd chómh seasuightheach san ná féadfadh an cat drafadáil innte: géar. Árd ró-sheasuightheach an clasach do ghluaisteán: ró-ghéar.

séasúr: *f.1.* ceann de rannaibh na bliadhna mar atá an t-earrach, etc., am áirighthe den mbliadhain go dtagann athrughadh ar an ndúlradh; ionbhaidh; am oireamhnach, éascaidh do nidh áirighthe; am go mbíonn ainmhidhthe áirighthe go maith lé n-itheadh nó cead chun beartha ortha. Sa bhfóghmhar bhíonn an scadán i séasúr: a bhíonn sé ar fheabhas lé n-itheadh. Séasúr na maircréal: an biaiste: an t-am den mbliadhain go mbíd ar fagháil. Cuir séasúr ar an bhfeóil seo: saghas éigin annlainn a dhéanfas so-bhlasta í. Ní fiú an coinín d'itheadh anois, tá sé as séasúr: ní hí seo a ionbhaidh bheith ar aiste mhaith. Cad n-a thaobh, a dhuine, ná beadh sé fuar nách shin é i gcorp séasúir an gheimhridh thu: an t-am gur nádúir do bheith an-fhuar. Bíonn a shéasúr féin do gach aon rud: tagann am áirighthe a oireas do níos fearr ná am ar bith eile. Níl aon tséasúr fós san ubhall: aon tsúghlach. Feóil í seo go bhfuil séasúr uirthi: í ar fheabhas. Tá séasúr éigin ar na hainmhidhthibh seo go bhfuilid ag imtheacht lé fiar damhaigh: éirghe: teasbach.

séasúrdha: (**séasúrtha**) *a.* ag baint leis an séasúr; ar aoirde láin feabhasa; tráthamhail, ionbhaidheach; blasta. Gamhain séasúrdha seadh é anois san Abrán: saoghaluighthe ar am fabhrach. Blúire feóla chómh séasúrdha is gheóbhfá istigh idir cheithre chúinne an bhaile é sin: bláthmhar, deagh-bhlasta: soi-ithte. Aimsir shéasúrdha don Nodlaig sioc agus sneachtadh do bheith ann: is léi go mbeadh súil ag duine. Fuair sí mór-chuid tabharthas séasúrdha ar phósadh dhi: oireamhnach, mar troscán tighe is rud.

séibe: *b.4.* poll, oscailt; scrogall; árus dighe. Tángthas orm i mbéal na séibe ní fhéadfainn faic do dhéanamh: gan aon choinne: go hobann. Chrom sé orm lé n-a theangain i mbéal na séibe: chómh luath in Éirinn agus leag sé a shúil orm thug sé íde bhéil orm. Déarfainn ar an laige atá sé go bhfuil sé i mbéal na séibe: i ndeireadh na feide. Is mithid do bheith ina shéibe fir anois, tá sé d'aois aige: ina fhear mhór, ghroidhe.

seibineach: *f.1.* duine nó ainmhidhe mór cuthaigh. Is é an náire do sheibineachaibh garsún mar sibh bheith ag dul ar scoil fós, ag obair 'sag gnóth budh chóra dhíbh do bheith: garsúin ghroidhe, láidre. Ní raibh aon tseibineach aca (bric éisc) ná go raibh óm uilinn go righe ann: bric fhada, thoirteamhla. Is diabhail an seibineach tairbh é, tá oiread tighe ann: tarbh trom, toirteamhail. Dhein seibineach de faid bhí sé fén dtuaith, chuaidh an t-aer san áit go maith dho: fear mór groidhe, sláinteamhail. Gaibh amach is déin rud éigin, ná bí id sheibineach dhíomhaoin: sliasta duine.

seiche: (**seithe**) *f.4.* croiceann, croiceann ainmhidhe. Stracfaidh sé an seiche dhíot nuair gheóbhaidh sé greim ort, cad tá déanta agat leis?: ní fios cad dhéanfaidh sé leat: feannfaidh sé thu. Seiche nár mhór dom do bheith orm chun fuilngthe leó: croiceann

ainmhidhe. Níl iomchar an tseiche ionam tar éis an lae chruaidh seo: árd-lag ar fad. "Agus do loisc sé ré teinidh an damh agus a sheiche agus a fheóil agus a otrach taobh amuigh don fhoslongphort; mar do aithin an Tighearna do Mhaoise" (Leibh. VIII. 17). Seiche asail nár mhór duit chun gan aon tsuim do chur ina gcuid cainnte, bíd chómh garg san: bheith chómh righin fuilngtheach ná bodharfadh faic duine. An seiche atá air: an chuma do-chaithte, fuilngtheach.

séice: *f.4.* truaghán, duine truaillighthe, duine aimlidhthe. Budh dhéirc leat greim do thabhairt lé n-itheadh do shéice bhocht, agus é ar dearg-chreathadh leis an bhfuacht gan faic ina bholg ná ar a dhrom: duine aindeis, droch-chlóidh. Nách é an séice fuar is fuacht a bheith air lá gréine: aindeiseóir truaghánta. Tar éis na hoidhche chidhfeá iad ina séicidhibh seaca ar crith lé fuacht is lé hocras: aindeiseóiridhe.

seicheadh: *f.* (*-chte*) feannadh. Ag seicheadh na caorach do lait sé an croiceann: ag baint an chroicinn dhi. Ná bítear ghom sheicheadh-se mar gheall air mar ná fuil aon chúis orm: ghom fheannadh: ag itheadh 'sag gearradh orm: ag gabháil díom: ag tabhairt íde béil dom.

seicheadóir: *f.3.* reiceadóir croiceann is seichidhe; feannadóir. Is maith an seicheadóir an Márta: lé n-a fhuaire go mbainfeadh an croiceann díot.

seiceadúir: *f.4.* feithmheóir, duine ceapaithe ge duine eile chun coingheall udhachta do chur i bhfeidhm agus do riar; truaghán bocht, caithte; duine droch-chlóidh mar bheadh ó sheasamh is fanacht fhada. "Is sia mairfir-se 'ná me" – "ní fheadar, is baoghalach go mbeir mar sheiceadúir orm": go mbeir im dhiaidh ann. Cad tá id sheiceadúir annsan ó mhaidean uait: duine ina choilig-sheasamh san áit chéadna mar bheadh ag braith ar rud éigin is gan aon tor air. Táim im sheiceadúir ag an oidhche: dearóil, claoidhte mar bheadh ag fuacht, ocras is anródh. Ní bhfaghaidh sé d'airgead a athar go dtagaidh sé d'aois ach mar is toil leis na seiceadúiridhibh: iad so a ceapadh chun riartha na hoidhreachta dréir choingheall na hudhachta. Táim an-bhuidheach ar fad díot as me do chongbháil im sheiceadúir annso ag feitheamh, let onóir: im chadhain: im scaoinse: im rud aindeis dhearóil fén sín. Cad tháinig in ao'chor ar an seibíneach fir úd? tá sé imthighthe amach as an éadach, do dhein seiceadúir de: duine dearóil, truaghánta.

seicréid: *b.2.* rún, diamhaireacht, diamhair, ceilt. Ná bíodh aon tseicréid ort leis, scaoil amach chughainn é: bheith ag déanamh rúin de. Is iomdha seicréid istigh ina chroidhe dá leigeadh amach iad: eólas ar nidhthibh ná fuil ag éinne ach aige féin nó fíor-bheagán ar a luighead agus ná craobhscaoilfear. Is mór go léir an tseicréid atá ort leis an eólas atá agat air: an coimeád chughat féin: ceilt. An tseicréid ar fad atá ar thóin na farraige: na nidhthe go léir do cheileann sí ar an súil agus ar an eólas.

seicréideach: *a.* príobháideach, rúnda, diamhair, iargcúlta, ceilte. Lé fothraga agus imshníomh sáthadh an t-airgead in áit éigin sheicréidigh agus nuair cuadhthas ar a thuairisc ní raibh lé fagháil: iargcúlta, rúnda. Áit sheicréideach toghtha amach aige chun léightheóireachta ná beadh neach ag cur isteach air: uaigneach: ó chonbharsáid daoine. Chaithimís-ne garsúin na tráthanna ag amharc ar Ghalán an tSagairt agus d'iarraidh

brighe dar linn do bhaint as an Ogham sheicréidigh air: doi-eólais dúinn. Thógas tigh thuas istigh i gcumar cnuic mar a bhfuil sé go seicréideach: iargcúlta. Raghad in ionad sheicréideach an chuid eile dem bheatha ó bhuadhairt an tsaoghail: áit ná beidh siubhal puinn orm.

seicréideacht: *b.3.* iargcúltacht, príobháideacht, cúláisteacht. Níl aon tseicréideacht ag baint leis na daoinibh céadna ná ní gábhadh dhóibh é, níor chás leó ná go mbeadh fios a ngnótha ag an saoghal mór: ní bhíd d'iarraidh a gcúram do cheilt. Ní maith liom an tseicréideacht so in ao'chor tá bun éigin leis nách maith agus nách cóir: an cheilt ar rudaidhibh. Chuir sé fé ann lé seicréideacht na háite, bhí a dhóthain feicsithe, fachta aige d'iomard is de bhuaidhreamh an tsaoghail mhóir: iargcúltacht is uaigneacht. Deineann an duine mórán rud i seicréideacht ná déanfadh go poiblidhe: i nganfhios: fé cheilt ó shúilibh chách.

séideadh: *f.* (*-dte*) maidir lé gaoith is aer, gluaiseacht, corruighe láidir teann; aer do ruagadh lé neart tríd an mbéal nó sróin; aer do thiomáint ós na scartachaibh i ngléas ceóil; as ghléas isteach i dteine, i rud do ghlanadh lé tiomáint aoir tríos scartadh; borradh. Mara mbeadh an séideadh a deineadh fé is fada go mbeadh súd ag bruighean: cur suas: tafant: gríosadh. Ní deacair séideadh fé: is furaiste é do chur chun feirge. Deirim leat stad, go bhfuil an diabhal buidhe ag séideadh fút: ag cur cathuighthe ort. Bí ag séideadh fén dteine d'fhéachaint an dtiocfadh sí as: ag tiomáint aoir fúithe: ag cur siollaidh fúithe. Tabharfaidh sé an oidhche ag séideadh andeas ar an ndroch-chlódh atá air: beidh an ghaoth ag gluaiseacht go láidir. Ag séideadh atá an chos: an áit thinn ag borradh 'sag at. Táid ag séideadh ar a chéile airís tréis tamaill sosa: ag tabhairt fé chéile mar bheadh dhá arm troda. Níl aon fhaic ag séideadh orm a dhéanfadh maitheas dom: ag teacht fém dhéin as aon treó. Buidheach 'o Dhia tá gach cur ag séideadh aníos: ag péacadh: ag teacht ar barra. Bheadh truagh agat dóibh ag séideadh alluis lé strus na hoibre agus méid an teasa: ag cáitheadh: é ag teacht ina shlaodaibh leó. Séideadh mo shrón ní thabharfainn ort a leig uait do sheans chómh sonaoideach: ní fiú faic liom thu. Bí ag séideadh leat, níl neach annso a thiocfas treasna ort: ag cur asat: ag cainnt. Tá séideadh buabhaill ag an mbuachaill, ar a bhéal níl éinne mar é: maoidheamh as féin. An stadfaidh sé de shéideadh as féin choidhche: bheith ag síor-chainnt. Thug sé i bhfad ag séideadh fola sar ar stad sí: ag tabhairt go fuidheach. Tháinig sé ar séideadh (is séideadh air): saothar: i ndeireadh an anama. Tá rud éigin ar bhur simné tá séideadh ann: an t-aer 'san deatach ag casadh anuas. Leathfadh an doras san duine, tá séideadh fé: siolladh gaoithe. Níl sé de dheallramh air go bhfuil sé sláinteamhail agus an séideadh atá ann: an borradh: an t-at feóla. An soitheach ag séideadh leanna duibhe: é ag teacht ina sconna as. Ní éisteóchainn a thuilleadh leat ag séideadh ghaoithe: ag bladhgar. Ná bí ag séideadh ghaoithe mar sin os chómhair na ndaoine: ag breimnigh. Séideadh mo shrón ní thabharfainn ort: ní fiú faic thu. Na gunnaidhe ag séideadh de ló agus d'oidhche ar an mbaile, an iongadh scrios ann?: ag rúscadh: ag caitheamh. Is maith luath atá an talamh ag séideadh: gach fás ag teacht. Bíodh sé ag séideadh leis, níl tor madra ag neach annso air: ag bagairt go glórach. Ní imtheóchaidh an séideadh choidhche as: an borradh neamhnádúrtha cuirp. Gheóbhaidh cathracha séideadh fós: milleadh ó rúscadh piléar. Ag séideadh na mbolg: ag tiomáint aoir asta. Ag séideadh mo phluc: ghá líonadh is ghá mborradh lé haer óm scartachaibh. Is é is fearr annso chun éithigh do shéideadh: do spalpadh. Na réilthínidhe anocht ag

séideadh shoillse uatha: iad árd-sholasmhar, drithlinneach. Cad as go bhfuil sé ag séideadh indiu?: cad í an treó go bhfuil an ghaoth as. É de dheallramh anois air go bhfuil sé chun séidte: chun gála do dhéanamh. Ag séideadh na scréachóige do bhíos chun na himeartha do stad: ag déanamh glóir léi trí neart aoir óm scartachaibh. Leagfadh séideadh det anáil anois é, tá sé chómh tugtha san: puth aoir as an mbéal: tá sé an-lag. An t-anródh is an anacair ghom shéideadh ó bhall ball: thiomáint. Dá mbeadh sé ag séideadh philéar ní fhanfadh sé istigh: ag caitheamh: aon tsín ní choimeádfadh é.

séideán: *f.1.* puth, treighid ghaoithe; saothar, etc. Gainnimh shéideáin: a imthigheas lé gaoith. "Toisc gainnimh shéideáin do bheith go trom fén bhfásaigh" arsa an craolachán, "níor bh'fhéidir puinn catha do chur indé": gainnimh ag gluaiseacht mar bheadh scamaill. Cois na gclathach i gcraosánaibh agus i ngleanntaibh bhí an sneachtadh séidín an-dhoimhin, an-chonntabharthach: a bhí fágtha ag an ngaoith. Shéaluigh sé gan saothar, ná séideán ann ar nós an róis: gan duadh, gan oiread is go gcloisfeá a anál dhá tharrac aige. Bíonn séideán tarta air, ní hí an chaol-chuid a dhéanfadh é: íota trom. Na prátaidhe lán de phuill shéideáin: puill mar dhéanfadh piastaidhe. Bíonn poll séideáin i mullach a chinn ag an míol mór: oscailt go dtiománann sé sáile aníos tríd. An fhuaim atá ag poll séideáin na carraige: poll go bhfilleann an sáile as tréis buailte ar a thóin lé fuinneamh. An gcloistí an séideán sa tsimné?: an seórdán mar thagann roim bháistigh. An slaghdán atá ort go bhfuil an séideán ort: seórdán: ceodhachán.

séideánach: *a.* seórdánach, ceódhchánach, saothrach, múchtach, scéirdeamhail. Is air a bhíonn an tarrac suas ist oidhche, bíonn sé an-shéideánach: glór is duabhais ar an anáil aige. An ón obair ataoi chómh séideánach, nó an aon iomard eile atá ort?: ceodhachánach: seórdánach id ghuth. Ag gabháil treasna an bhealaigh dúinn, bhí sé séideánach go maith againn: gaothmhar, láidir. An bhfuil anál an chapaill sin briste, tá sé séideánach: duadh ar an anáil aige. Seanduine bocht séideánach: go mbíonn saothar air lé haois is laige.

séideóg: *b.2.* puth, boladh gaoithe, aoir nó anáile, bladhm beag. Tabhair séideóg don dteine, tá an diabhal féin lé moille ar an bpota: séideadh leis an mbéal. Leig don séideóig dul fén dteine: fág siolladh aice: tabhair gaoth dhi. Tagann séideóga láidre a ndóthain ar an dtigh seo: cócha: treighdeanna gaoithe go mbíonn ceól aca. Cuir séideóg sa lamhnán: beagán aoir nó gaoithe. Gach aon tséideóg agam fén dteine d'iarraidh í d'adhnadh: mé ag séideadh go láidir.

séideógach: *a.* saothrach, puthghalach, gaothach. Maidean shéideógach andeas go raibh deallramh na báistighe air: gaothach: scéirdeamhail. Níl aon rás anois ann, dathad slat is bheadh sé séideógach ort: saothar air ag tarrac anáile.

séidfighil: (**séadfaighil, séidfaghal**) *b.2.* $_{7}$ *3.* do shéideadh, puthaireacht, séideadh anála go grod; saothar anála. Chonnac scol míol mór ag gluaiseacht 'sag séidfighil, is budh tholgach an radharc iad: sáile dhá chur san aer aca trí n-a bpoll séideáin. I gcoinnibh an aoird bhí an oiread san struis agus duaidh ar an gcapall go gcloisfeá séidfighil aige: an anál ag teacht go glórach duaibhseamhail uaidh. Bíonn séidfighil air lé fuadar chun oibre: puthadghail: saothar anála. Chrom sé ar shéidfighil nuair bhuail an bata sa cheann air:

tháinig líonrith is luas anála air. Bí ag séidfighil leat, ní mairg lé héinne annso do chuid gothaidhe: saothar feirge do bheith ort. Séidfighil an domhain uile atá i dtaobh an chogaidh ortha: gleódh is gaoth mhór. Cuireann faid is seasuightheacht an staighre séidfighil orm: m'anál do tharrac is do shéideadh go duaibhseach. Séidfighil ag an gciteal ag fliuchaidh: usmairt an-ghlórach.

séidim: *b.a.* $_7$ *n-a.* corruighim nó tiomáinim gaoth, aer etc., glanaim lé gaoth do tiomáint trí; borraim mar lamhnán lé gaoith, aer; sonaim mar adharc etc.; scartaim; cuirim tríom amach, etc. Séid fén gciotal san, tá deabhadh orm lé braon té: tiomáin siolladh gaoithe fúithi chun í do chur ar lasadh. Shéid an púdar an tigh san aer nuair cuireadh teine ann: thiomáin lé fuinneamh. Séideadh ón dtalamh sinn: thiomáin an ghaoth sinn. Séidfidh sé aniar: tiocfaidh stoirm ghaoithe as an áird sin. Is olc an ghaoth ná séideann do dhuine éigin .i. an rud a dheineas díoghbháil do dhuine b'fhéidir go ndéineann maith do dhuine eile. Séideadh sé air (leis), táim beag-bheann air: bíodh sé ag cur as, ag bagairt etc. Ná séid fé in ao'chor, tá sé aibidh a dhóthain gan bheith ghá ghriogadh: ná bí ghá ghríosadh chun gnímh. Séid leat, táir ag déanamh go hiongtach: lean ort ar an bhfuadar atá fút. Sáthadh idir dhá easna é gur shéid fuil a chroidhe: gur thug ina sconna. Oidhche sheaca séideann na reilthínidhe solas uatha agus bíd ar dearg-lasadh: caitheann. Níor shéid gaoth i gcoill ná i gcurrach nár shéid maith do dhuine éigin: níor leag gaoth mhór crainn nó uile ná go bhfaghadh duine éigin tairbhe asta. Pé gaoth a shéid chugham thu, go n-árduighidh an diabhal uaim thu: a sheól: a threóruigh im dháil. Is é clódh is crot atá ar an láimh sin, mara bhféachair chúiche go séidfidh sí chughat: go dtiocfaidh pian nó tinneas go dochrach innte. Séid cos na píope sin, tá sí an-shalach: glan í lé haer do thiomáint tríthe. Séid do shrón, teanntuigh aer ód scartachaibh tríthe. Séideadh mo hata dhíom: d'árduigh an ghaoth dem cheann é lé n-a neart. Ná séideadh aon ghaoth sa bhall so airís thu nó beidh fód do bháis ann: ná seólaidh: ná bíodh sé de mhío-ádh ort gabháil an treo so. Shéid a cheann leis an dtinneas: d'at. Shéid sé gan aon deallramh lé bliadhain: bhorr sé: chuaidh sé i dtoirt is i méid. D'éist sé ar feadh tamaill is annsan shéid sé chugham airís: thosnuigh sé ar me d'ionnsaidhe: d'fháisc sé chugham. Shéideadh sé na huibhe lé fearas: thiomáineadh sé an luchtlach as. Séid fé airís: tástáil airís é. Shéid sé chun aighnis liom a thúisce agus do chonnaic sé me: chrom go teann láidir. Shéid sé a raibh ann sar ar stad sé: thug sé. "Má shéideann sé an stoc an tan do chífe sé an cloidheamh ag teacht ar an dtír agus an pobal do chur ar a gcoimeád" (Esec. XXXIII. 3): má bhaineann fuaim as lé glór ó n-a bhéal. "Agus do shéid Saul an stoc ar feadh na críche uile, ghá rádh, 'chluinidís na hEabhraidhe'" (1 Sam. XIII. 3): do thiomáin sé aer nó gaoth lé neart a scart tríd go ndeárna glór nó fuaim. Shéid an diabhal fé gur bhuail sé a bhean: do ghríosuigh trí chathughadh é. Cad shéid fé is a leithéid de rud díth chéille do dhéanamh?: a spriog fé: a mhúscail an mian ann chuige. Shéid gach aon nidh leis an ndrúcht is an aimsir bhreágh: phéac: bhrúcht aníos tríd an dtalamh is d'fhás. Séideann tinneas amach trí bhais mo shlinneáin clé a mharbhóchadh stail chapaill: pléascann: ritheann ina ríodhgaibh. Go séididh rud éigin fút, mhuis, chun me bhualadh go ndéanfainn greamanna seabhaic díot: go spriogaidh mío-ádh éigin thu. Shéid an lamhnán: phléasc sé. Séideadh an tigh, coca etc.: bhain an ghaoth cuid den gceann de. Séidfid an baile: tógfaid san aer le teine is púdar é. Séidfidh sé deireadh sara fada: cuirfidh (tabharfaidh) as a bhfuil ann. Anois is gnáthach leis go séideann sneachtadh: cáitheann.

séidire: *f.4.* bladhgaire, duine a shéideas builg etc. Séidire buidéal: fear a chuireas an crut ortha. Is iomdha duine ar m'eól is ní heol dom an tséidire is mó ná thu: bladhgaire: fear gaoithe móire.

séid-shneachtadh: *f.1.* sneachtadh a imthigheas is luigheas i gcúilibh lé gaoith.

séidte: *a.r.* borrtha, atuighthe, teannuighthe, glanta lé fuinneamh aoir nó gaoithe, fuaduighthe, pléascaithe; tnáidhte. "Poll séidte!" deirtear lé duine gan mhaith nó go mbíonn a dhícheall déanta aige gan tairbhe. Chonnac go raibh mo thigh séidte tar éis na hoidhche: fuaduighthe. Suidh, táir séidte, ghluaisis ró-mhear: tá t'anál caillte agat. Ní mór an luadar a fhéadfadh do bheith aige, tá sé ró-shéidte, nách cosamhail lé lamhnán é?: borrtha: atuighthe. Tá an oidhche séidte: tá sí 'na gála. Tá an tinneas cinn séidte chugham airís: me ionsaidhthe aige. Beidh na daoine séidte chugham chómh luath agus chloisid cad tá déanta agam: sáidhte chugham go feargach. Éistidh leis, tá séidte air airís: tá éirighthe air: é cromtha ar chainnt an athuair. Uile séidte: go mbíonn an luchtlach nó an biadh curtha asta lé fearas. Ní mór ná go bhfuil an dé séidte asam ó bheith ag gáiridhe fé: traochta amach: gan ionam m'anál do tharrac. An bhfuil deireadh séidte as fós aige?: deireadh cainnte déanta aige. Tá an císte séidte go maith: borrtha. Nách séidte atá an fharraige indiu: borrtha, atuighthe.

seifide: *f.4.* meathalóir, duine gan spirid gan anam. Ná bí ag braith ar an seifide sin mar ná beadh sé déanta choidhche aige: duine gan phreab. Seifide ná beinn ag féachaint air tímcheall gnótha: leibide.

seift: *b.2.* beart, cleas, ciúta, geall, sócmhainn, gustal; tacar, slighe. Is é an tseift is fearr agat anois ná fanacht go mbéarfaidh an lá ort mar ná fuil an oidhche chun eólais: an bheart is fearra dhuit. Thóg sé bean na bhfiche seift roim bean na bhfiche púnt: an bhean go raibh slighthe aice ar airgead do dhéanamh roim an mnaoi nár bh'fhiú biorán í ach an méid sin do bheith aice. Níl aon tseift agat lé déanamh chun an airgid do sholáthar ach do chapall do dhíol: aon tslighe. Is iomdha seift a bhíos ag an sionnach: slighe chun teacht as dhraip. Déin seift éigin ar phúnt do sholáthar dom: beart éigin: ceap slighe nó rud éigin a chuirfidh ar mo chumas é. Múineann gábhadh seift: nuair bítear i gcruadhchás ceaptar slighe ar theacht as. Is mór mar tá seifteanna síos ar an bpáipéar: na rudaidhe a bhíos lé díol ag duine is gurb ortha bhíonn sé ag braith. Is minic do crochadh duine gan seift: ceal tionnscail. Ní duine gan seift tusa, mara bhfuil píp agat tá toitín agat: níl ceal cuimhnimh ort. Is olc an tseift a dheinis nár luathuigh féach gur chaillis do sheans: budh cheart duit iarracht do thabhairt. An bhliadhain chéadna do bhí seifteanna síos, ní raibh faic ar bheithidheach ná ar mhuic: geallacha airgid. Maran féidir leat an tsnaidhm do scaoileadh, tá seift eile uirthi – í do ghearradh: slighe eile chun a cúram do chur dinn. Bíonn seift éigin mhaireachtana i gcómhnaidhe aige, ní bhfaghaidh súd bás leis an ocras: malairt nuadh slighe. An bhfuil fonn ort an tseift do dhéanamh dom?: iarracht a dhéanfadh mo thairbhe. Ní thabharfad an scian san duit, sin í seift is fearr agam: rud go mbeinn ag braith air. Is deacair do aon tseift chóir do dhéanamh gan éinne i leith an tighe aige ach é féin: aon bheart ar dhul chun cinn. Níl mórán seifte ar dhéanamh san mbaile: slighe. Is iomdha áit as a raibh seift ag déanamh ortha: rud a raghadh chun a dtairbhe. Dhéanfadh so an gnóth den iarracht so cé ná fuil ann ach seift: malairt: sceach i mbeárnain.

seifteamhail: *a.* beartach, cuimhnteach, meabhrach, slightheach, cliste, cnuaisciúnach, gustalach. Fear seifteamhail, chidhfeá rud éigin ar mhargadh nó aonach gach aon lá aige: bunamhail: eadáil éigin aige. Cailín seifteamhail tímcheall tighe í, chómh maith agus bhuailfeadh leat: gasta, críochnamhail, feistighthe. Bí seifteamhail, ná bí ag braith ar a dteastuigheann go lom uait: cuimhnteach, gasta, rud breise agat in aghaidh broide nó géibhinn. Fág fés na daoinibh seifteamhla úd rud do bheith aca nuair bheadh mórán 'á cheal: gasta, críochnamhla. Dá dteipeadh céad uair air d'éireóchadh leis turus eile, mar is seifteamhail an mac é: cuimhnteach, luaith-bheartach. Mara mbeadh thu bheith chómh neamh-sheifteamhail agus taoi ní gheóbhfá tríd chuid ar an gcuma san: neambaileach.

seifteamhlacht: *b.3.* gastacht, gliocas, críochnamhlacht, cnuaisciún. Nuair bhris an roth orainn d'fhanamair mar a raibh againn, ní raibh aon tseifteamhlacht ag baint lé héinne againn: cuimhnteacht: beartamhlacht chun malairt slighe fhuascaltha. Gach aon rud soair, cóirighthe ann mar iarrfadh do bhéal é, d'aithneófá go raibh seifteamhlacht ag baint leis an té gur leis é: críochnamhlacht: gastacht. Ní haon náire dhuit maoidheamh as an ngarrdha, tá seifteamhlacht curtha agat ar shlacht: é ins an tslighe id dhiaidh ná fuil easbhaidh ná locht air.

seifteóir: *f.3.* beartóir, feistightheóir. Cuireadh ó thír tír é ina sheifteóir ag lorg cabhartha ortha: beartóir: duine gasta ag ceapadh aon tslighe a fhéadfadh chun a thriall do shroichstint. Déanfad an seifteóir seo teine d'aon rud duit: duine cuimhnteach. Fair an seifteóir anois nuair atá ag dul do: duine a bhíos d'iarraidh malairt bearta do tharrac chuige i súil go n-éireóchadh leis.

seiftidhe: *f.4.* duine beartach, críochnamhail, faid-bhreithnightheach. Tá seiftidhthe maithe rómham go mbeidh gach aon rud réidh, socair aca: daoine atá i ndán rud do chur i dtreó cheart. Seiftidhe ceart ná fágann rud leis an lá déidheannach: duine a bhreithnigheas roimis agus a ghníos cóiriughadh dá réir.

seiftidheacht: *b.3.* réamh-bhreithnightheacht, críochnamhlacht, beartaidheacht. An té ná déineann seiftidheacht sa bhfóghmhar bíonn thiar sa gheimhreadh air: ná déineann lón in aghaidh an lae chruaidh. As t'óige déin seiftidheacht: déin rud éigin do chur i gcrích i gcóir do shean-aoise. An bhféadfá aon tseiftidheacht do dhéanamh ar ghreim bídh: aon tsoláthar ar chuma ar bith.

seiftighim: *b.a.* 7 *n-a.* cóirighim, socruighim, ceartuighim, soláthruighim. Seiftigh an tigh, beidh daoine iasachta ar cuaird ambáireach chughainn: cuir gach rud i dtreó cheart. Is cuma dhuit, a liaghairne dhíomhaoin, seifteóchaidh an t-aindeiseóir mná atá agat duit: soláthróchaidh pé ceal a bhíos ort. Seiftigh nó beir déidheannach: réidhigh: cuir i bhfearas.

seiftighthe: *a.r.* cóirighthe, réidhtighthe, socruighthe. Ní túisce bhíonn rud seiftighthe agam 'ná iarrtar orm é do dhéanamh ar malairt cuma. Téighimís a chodladh má tá gach aon nidh seiftighthe i gcóir na hoidhche: curtha i dtreo. Is é do chuid éadaigh atá go

seiftighthe: go gasta, socair. Duine seiftighthe: go mbíonn gach aon rud i dtreó go gasta, slachtmhar.

seiftiughadh: *f.* (*-uighthe*) cóiriughadh, socrughadh, tiargáil. Níl aon tseiftiughadh earraigh déanta fós againn: aon chorruighe chun tosnuighthe. Chaithinn na tráthnóintidhe ag faire ar na hiascairidhibh ag seiftiughadh chun iascaigh, ag réidhteach na líonta, dhá mbórdáil, etc.: feistiughadh, tiargáil. Beidh suidhe faoisdine againn ambáireach táthar ag seiftiughadh i gcóir na sagart: ag socrughadh is ag déanamh slachta. Is mithid duit seiftiughadh dhuit féin anois in aois Mhurcadh Uí Fhlaithbheartaigh: iarracht do thabhairt ar do shlighe bheatha do dhéanamh. Ag seiftiughadh chun an phósta: do chur gach rud in oirear 's in órdughadh.

seighléir: *f.3.* fear i mbun carcair; coimeádaidhe duine fé ghlas. D'iarraidh an tseighléara do bhreabadh. In aon áit ní leigfeadh sí uaithi é, leis an éad, ní measa dho seighléir air: í ró-choimeádtach air.

seile: *f.4.* an sughlach nó an lacht a thagas as sheathar an bhéil, agus a fhóghanas an díleaghadh. Ná caithtear seilidhe annso (fógra). Dá gcloisteá ag cainnt leis é, chuir sé seilidhe lastuas de: an oiread san feirge air. Ní thabharfainn mo sheile ort nár chuir in iúil tu féin do, budh bhreágh leis: aon mhaith níl ionat. Ní fiú mo sheile a bhfuil air, cad tá ann ach scríobadh beag: níl mórán air. Ní fiú seile na cuaiche: drúichtínidhe móra a bhíos ar phlanndaidhibh thar éis na hoidhche. Chaith sé a sheile amach nuair dubhart leis go rabhais ró-mhaith d'fhear do: mar chómhartha dí-mheasa. Seile na bpúcaidhe ar na sméaraibh: ball beag mar bheadh cubhrán. Caith do sheile ar do mhéir is buail annsan í .i. sin mar déintear (idir gharsúnaibh) mar dhubhshlán troda. Chaith sé dhe a chasóg, chaith a sheile ar a lámhaibh, rug ar a shluasaid is sháthaidh chun oibre: cómhartha fuadrach gnímh. Nuair bhíonn rud imthighthe thar fóir nó nách féidir faic do dhéanamh do, deirtear "cimil do sheile dhe". Chaithfeadh sé a sheile ort dá ndéarfá san leis: cómhartha tarcuisne. Chuirfeadh sé seile isteach id bhéal dá ndéarfá leis é: chuirfeadh sé prioslaidhe, bheadh an oiread san cuthaigh air go mbeadh uisce ag preabadh as a bhéal. Seilidhe fola leis: prioslaidhe fola.

seileach: *a.* lán de, ag baint lé, seilidhibh, prioslach, sughlasach, ronnach. An béal gránda seileach atá air: prioslaidhe ar sileadh leis. Bheadh an ghráin agat air, tá sé seileach smugach: idir shróin is bhéal ag sileadh aige. Duine seileach nár cheart a leigeant ameasc aon chuideachtan: go mbíonn de bhéas aige bheith ag caitheamh sheilidhe. An t-úrlár seileach id dhiaidh: lán suas de sheilidhibh.

seilgeóir: *f.3.* soláthróir chun tighe; fiadhaire. Seilgeóir maith ar muir agus ar tír dob eadh gach nduine den gclainn: daoine iad a bhí go maith chun soláthair. Is me an seilgeóir follamh: gan aon rud tar éis mo chuardaigh agam. Seilgeóir maith con: cú a threascróchadh an tóir.

seilgim: *b. n-a.* laguighim, séaguighim, cnaoidhim. Seilgeóchair it sheasamh annsan sara dtagann éinne chun tor do thabhairt ort: cnaoidhfir: déanfaidh eiliúir díot. Sheilgeóchainn

ann sara bhfiafróchadh éinne dhíom an raibh béal orm: shéagóchainn: chnaoidhfinn i ndiaidh a chéile go bhfaghainn bás ar an aiste sin.

seilgin: *b.2.* cnaoidhe, caitheamh, séagughadh, lagughadh. Ag seilgin as ó ló go ló leis na bliadhantaibh: ag tréigean. Taidhbhsigheann sé mar bheadh seilgin air: caitheamh: tréigean sláinte.

seilmide: (**silimide**) *f.4.* ainmhidhe beag léasánach gan cnámh droma. Seilmide búrc: ceann go mbíonn sliogán air. "A sheilmide, sheilmide, cuir amach t'adharca, tá na ba ag búirthigh is cuimil do leadhb díobh" (duanaireacht leanbh). "Chonnac seilmide is muc aige ag dul ar an aonach", ag tagairt do mhoille is do neamh-phraitineamhlacht, aiste fhastaomach ar aon rud. As mo radharc, a sheilmide: duine neamh-phraitineamhail gan anam. Seilmide gach aon lá riamh dob eadh thu: duine a chaithfeadh an t-aimeón aimsire lé haon rud. Ag teacht ar nós an tseilmide: chómh mall agus d'fhéadfadh a bheith. Níl siubhal seilmide aige: ró-mhall. Ag brostughadh an tseilmide bheith ag luathughadh leis seo: is chun moille luigheann sé.

seilmideáil: *b.3.* máineáil, fuairthéacht; moille is righne. Ná bí ag seilmideáil mar sin, cuir fuinneamh ionat féin agus luathuigh: ag máineáil oibre: ag déanamh siléige. Seilmideáil oibre, rámhaidheachta, chainnte etc.: aon rud aca so go neamh-shlachtmhar, neamh-phraitineamhail. Tar éis na seilmideála go léir féach gur éirigh leis: an mhanaois: an mhairbheacht. Ná bí ag seilmideáil léi, déin an rud atá uaidh: tuinncéireacht.

seilmideólaidhe: *f.4.* máineálaidhe, duine gan lúth, gan tapa, gan fuinneamh. Seilmideólaidhe gréasaidhe, ná faghfá feighre bróg choidhche as a láimh: rud mall, míothapaidh: síománaidhe. Seilmideólaidhe capaill ar bóthar: capall ró-mhall. Seilmideólaidhe scríobhnóra: duine a chaithfeadh an lá lé cuid bheag.

seilp: *b.2.* clár adhmaid dronn-uileannach lé falla nó aon rud go mbíonn sé ina choinne; clár mar seo ar dhriosúr, leabhargán etc., "pus", sleabhach; teann-bholg. Seilpeanna an driosúir. An tseilp de bholg atá air: é borrtha. Nár imthighidh an tseilp díot: an sleabhac, pus: an chuma neamh-thláith.

seilteán: (**seithleán**) *f.1.* sruthóinín, sraoth, aon tsaghas caoil bhig a thairngeóchadh uisce. Seilteán glórach uisce le hais mo thighe: sruthán beag. Déin seilteán chun an uisce do scaoileadh ón bportach: sraoth: gearradh go ngluaisfeadh thríd. Seilteán sléibhe: sruth bheag. Deineadh seilteán doimhin ón bportach go farraige: gearradh chun uisce d'iomchar. Seilteán sráide: an chlais ar aon taoibh mar a ritheann an t-uisce.

séimh: *a.* caoin, cneasta, tláith, ciúin, taithneamhach, sciamhach, sóghamhail; seang; neamh-gharg, mín. Labhair go séimh leis an té go mbeir ag braith air: go cneasta: síbhialta: lághach. Éinne budh shéimhe 'ná é, níor labhras riamh leis: budh thláithe is budh mhíne cómhrádh. Ní séimh an chuideachta é, is gnáthach leis do bheith trodach: ciúin, macánta. Ní capall séimh fé iallait é, bíonn sé tugtha do raideadh: cneasta, socair. Aon locht níl ar an bhfarraige indiu, is í atá go séimh: ciúin, cneasta: gan corruighe. Gaoth shéimh linn aniar go léir: cneasta, córach. Is séimh an scéimh cailín óig atá uirthe:

mín: neamh-urchóideach. Bíonn an lánamha an-neamh-shéimh lé chéile, is gnáthaighe ag achrann lé chéile iad ’ná lághach: neamh-chneasta: gargach, goirgeach. Deirim leat ná bíonn an geimhreadh ró-shéimh againn, má dhéanfadh fuacht, báisteach is gaoth mhór é: ró-chneasta: is beag den mhíne ná den mbreághthacht a bhíos ag baint leis. An chuid is fearr féin den dtobac anois níl sé séimh, dhóighfeadh sé an teanga agat: tá sé garg. Éinne go bhfuil aon mheisneach bídh aige sin feóil shéimh aige: maoith, so-bhlasta, soi-ithte. A dhuine shéimh, connus chúiteóchad do chneastacht leat?: miochair, modhamhail. Guth chómh séimh aice is chuala riamh: binn, mín, lághach, béasamhail. “A seanga-chorp séimh mar ghéis ar shruth”: sciamhach, mín, taithneamhach. Is séimh an lá dhuit, an lá thugais suas deoch: sona, ádhmharach. Budh shéimh an scéal duit ná rabhais rómpa an uair thugadar fogha fén dtigh: budh mhaith an rud agus b’ádhmharach duit. Beidh cuideachta shéimh agat agus bheith ina fhochair, tá sean-aimsireacht agus nuadh-aimsireacht go leór aige: cómhluadar a chuirfeas aoibhneas ort. Beidh sé séimh go maith agam-sa, sara mbead réidh leis: mínighthe. Fanfad sa bhaile, ní séimh liom dul ann: ní hé mo mhian é. “Tá súil lém dhóthain airgid agam” – “is séimh duit”: is breágh san duit. Bean séimh fé n-a cuid í: bog: ní bheidh greim aice ar bhiadh ná airgead agus duine gádhtarach ghá cháiseamh féin léi. Faic ’e bharra níl caillte ag duine bheith séimh lé daoinibh: cneasta: caoin-chainnteach. “Budh leabhair, glan, séimh lé hamharc a héadan”: mín: a chuirfeadh in iúil go raibh aigne chaoin aice. “Budh chailce is budh ghéar a mama is a déad/ ’sa a seanga-chorp séimh nár truailleadh”: fiúghantach, uasal. Is séimh an braon leanna é sin: cneasta, sóghamhail lé n-ól. Beir séimh ar an gcúrsa: bí réidh, sochma: ná cuir aon mhairg thar ceart ort féin leis. Is séimh liom atá sé chun aon mhaith do bheith ann: ró-lághach, ró-chneasta. Fuaireas leitir shéimh: cneasta, gleóidhte.

séimh-: *i gcfbh.* cneasta, caoin, lághach. Sin é an séimh-aighneas atá aice siúd a thairngeann trácht ar a siopa: cainnt mhilis, mhealltach. Ní go séimh-bhriathrach do bheannuigheadar dá chéile: mánla, tláith. Is mé a fuair na séimh-bheannachta uaidh ar bhfagháil breis is ná raibh súil aige leis: beannachta ó chroidhe amach. Mo thruagh thu i gcóir an tsaoghail atá rómhat, is tú ná bíonn séimh-chainnteach lé duine: mín: béasamhail. A séimh-chruth gur chaith tríom saigheada: colaoid bhreágh, thaithneamhach. Tugann éadaighe breághtha séimh-chlódh ar dhuine: deallramh taithneamhach. Budh dheacair bheith briste lé séimh-chuideachta mar í gan mairg sa tsaoghal oraibh: cuideachta shuairc, shoilbhir. Pé mianach atá innte tá séimh-dhreach uirthi: cuma mhín, shoilbhir. Is ag Seán Buidhe ná raibh na séimh-dhlighthe don dtír seo nuair b’fhéidir léi fáscadh orainn: dlighthe boga, comhthroma. “An tan d’éist sise séimh-fhriotal bréithre mo laoidhe etc.”: cainnt shoilbhir mo dháin. Is goirgeach an duine thu, ar thugais séimh-fhreagra ar éinne riamh ach sclaimheanna: freagra cneasta, béasach. Nách séimh-fhiafruightheach duine bocht é: cuireann sé tuairisc na ndaoine go cneasta, leanamhnach. D’aithneófá ar a shéimh-ghruadh gur duine soineannta é: mín: cuma chaoin uirthe. Ní raibh do shéimh-leaca riamh ar fhear mhalluighthe: cneasta, soilbhir. An uair budh shéimh-labhartha an t-allfraits seadh budh chonntabharaighe é: nuair budh lághaiche is budh chneasta cainnt uaidh. Oireamhnach d’aon chuideachtain tá sé chómh séimh-mhúinte sin agus é béasamhail, deaghlabhartha. Budh dheacair duine is séimh-mhuinnteardha ’ná é d’fhagháil: is múinte, lághaiche cómhluadar. A Dhia shéimh-thrócairigh tabhair faoiseamh dom ar uair mo riachtanais: a Dhia cheannsa, chaoin.

Seadh, tá séimh-uain chun gluaiste agaibh: uain aoibhinn. Treabh séimh-uasal seadh iad dréir gach cunntais: béasamhlacht is galántacht ó dhúthchas ionta.

séimhidheacht: *b.3.* aiste bheith séimh, ciúin, caoin, cneasta, neamh-gharg. Ná bí garg, mí-mhúinte, bíodh séimhidheacht ag baint leat: cneastacht agus caoineas. Níor bh'fhada bheadh do choidreamh ar na daoinibh nuair thabharfá fé ndeara a séimhidheacht ar gach cor: cineáltacht agus míne. D'aindeóin gach cruadhtain agus trí gach treóir níor chaill sé a shéimhidheacht aigne: soilbhre agus míne. Tabhair séimhidheacht do, agus b'fhéidir go mbeadh sé níos so-ranna: ceannsacht: bí lághach leis.

séimhighim: *b.a. 7 n-a.* ciúnuighim, réidhim, suaimhneasuighim, socruighim, mínighim, soilbhrighim. Do shéimheóchadh an rásúr do chorrán: thabharfadh cuma mhín air. Ar an ngrainnc atá anois air ní shéimheóchadh aon nidh é fé bhun gal tobac: ní chiúnóchadh: ní thabharfadh aigne chneasta dho. Is iomdha duine gurb amhlaidh do shéimhigheann an deoch é: go n-éirigheann sé ciúin macánta dá cionn. In a óige dho bhíodh sé an-chrosta, ach shéimhigh sé leis an aois: chuaidh chun ciúine. Fionnach chómh mór san air ná séimheóchaidh faic na ngrást é: ciúnóchaidh.

séimhighthe: *a.r.* ciúnuighthe, suaimhneasuighthe, socruighthe, maoluighthe. Leanfaidh dhá thaobh an chogaidh air go mbeid séimhighthe ar fad ag a chéile: claoidhte. Ní thugaim fé ndeara oiread rangcáis aige agus bhíodh, tá sé séimhighthe ag an saoghal: maoluighthe. Dream séimhighthe anois iad go bhfuaireadar an t-airgead: ciúnuighthe: tagtha chun muinnteardhais. Sara mbead-sa réidh leis na cladhairidhbh sin creid me leis go mbeid séimhighthe go maith agam: mínighthe: an fuadar bainte díobh.

séimhiughadh: *f.* (*-uighthe*) maolughadh, ciúnughadh, suaimhneasughadh, míniughadh. Níl rian séimhighthe ag dul air, tá sé chómh ceann-láidir agus bhí riamh: níor mhaoluigh sé pioc. Lé geallamhaintidhibh ná féadfadh sé a chóimhlíonadh, bhí sé ghá séimhiughadh: d'iarraidh a maoluighthe is a ciúnuighthe. Is mór an séimhiughadh ar dhuine ocrach béile mhaith bídh do thabhairt do: socracht aigne. Ní dhéanfadh geallamhaintidhe ná plámás aon tséimhiughadh ar an bpobal, bhíodar tógtha: a bhfearg do laigheadughadh.

séin: (*gen. ar* séan) *a.* sona, tairbhe. B'é an lá séin do an áit bhocht so d'fhágaint mar ná beadh choidhche aige ann ach an t-anródh agus an aindeise: ádhmharach. Lámhna shéin an bheirt chéadna san, ón lá cuibhrigheadh iad ní raibh focal olc eatartha: sona, ádhmharach. Aithbhliadhain shéin agus mór-chuid díobh chughat: rathmhar. Is iad an lucht séin iad, níl aon rud a thairngid ortha ná go n-éirigheann leo: ádhmharach, sona.

seinm: (**seimint, seinnt**) *b.3.* (*-eanma, seaghamtha*) do dhéanamh ceóil, treithear éan. Déanfad-sa seinm (seimint) díbh má ghní sibh-se rinnce: déanfad an ceól. "Seinm is géimreach a laogh sa mbó": glór, glaoidhte. Leigtear do féin, ní deacair é do chur chun seaghamtha, agus nuair thosnuigheann ní ró-fhuraiste é do chur in éisteacht: chun cainnte. An peata beag, chuirfeadh an rud ruadh chun seaghamtha é: ag gol. Táid siúd chun seaghamtha airís, nách beag an náire ortha na daoine a bheith ag éisteacht leó: ag déanamh gleóidh is achrainn. Lucht (aos) seanma: ceóltóiridhe. Ag seinm ar an gcláirsigh: ag baint cheóil aiste. Cad é an chóir nó an ceart atá agat bheith ag seinm orm-

sa: ar mo chúl: ag cur síos orm: ag tromaidheacht orm. An bháisteach atá air go bhfuil an creagar ag seinm i bpoll an adharta?: ag déanamh a ghlóir nádúrtha. Tá a chuid seaghamtha déanta: a mhaitheasaidhe go léir i leathtaoibh: deireadh leis. Cuir uait do chuid seaghamtha! cé bheadh ag éisteacht leat?: cainnt gan deallramh. "'Acht anois tabhair fear seanma chugham'. Agus thárla an uair do shinn an fear seanma go dtáinig láimh an Tighearna fair sion" (2. Righthe III. 15): fear ceóil do spreagadh.

seinnim: *b.a. 7 n-a.* spreagaim ceól ar ghléas, fógraim, canaim. Cé sheinnfidh (sheimfidh) ar an bhfeadóig don rinnce seo?: a bhainfidh ceól aiste lé méaraibh is beól. Seinn (seim) port dúinn: déin ceól rinnce ar ghléas nó léd bhéal. Seimfidh an biadh ort: beir breóidhte aige trí n-a iomad d'itheadh. Seimfidh an tsúil thinn seo ceól fós: raghaidh sí in olcas agus in olcas. Seimfead do cháil ó Shionainn go Laoi: canfad: fógróchad go fairsing. An port nár seinneadh an port is binne: is é an rud nár blaiseadh an rud is mó tnúth leis.

seinnte: *a.r.* spreagtha. Is minic 'an lon dubh' seinnte aige ó aonach go haonach: spreagtha ar ghléas ceóil. Mara dtagaidh an dochtúir i dtráth cabhartha do dhéanamh do, tá a phort seinnte: tá deireadh leis.

séipéal: (**sáipéal**) *f.1.* eaglais; tigh Dé; tigh Aifrinn. Ní théigheann chun séipéil ná chun aifrinn: níl aon bhaint lé creideamh aige. Téighimís chun an tsáipéil: chun aifrinn, chun faoisdine nó chun úrnaighthe.

séiplín: *f.4.* salán garbh. Séiplín atá ag an iasc: sin é beatha atá aca.

seir: *b.2.* cuibhreach ar ioscaid agus speir ainmhidhe chun a maoluighthe dá siubhal. Níl aon chosc ort dul pé áit is maith leat é, níl aon tseir ag éinne ort: greim coimeádta.

seirbhe: *b.4.* géire, goimheamhlacht, gruamdhacht, domblastacht. Lé n-a sheirbhe 'e cheal siúicre ní ólfadh sé an té: géire. Ghoill seirbhe na n-ubhall air: goimheamhlacht a mblasa. Cad chuir an tseirbhe anois air? thabharfadh sé sclaimh ort gan aon chúis: gruamdhacht: mío-ghnaoi. Ní raibh focal dár sceinn as a bhéal ná raibh seirbhe ann: gearrthacht is mí-mheas.

seirbheáil: *b.3.* glaodhach nó fógra nó éileamh bheith láithreach i dtigh cúirte tráth áirighthe; an páipéar dleaghthach féin; cuibhreach dubháin lé losna. Tá seirbheáil fachta agam uaidh mar gheall ar fhoghail ainmhidhe: glaodhach dleaghthach bheith láithreach i gcúirt chun freagartha do thabhairt san éileamh atá orm. Raghad ghá sheirbheáil chun na cúirte giorra: ag gluaiseacht na dlighe chun iachall do chur air teacht i láthair chun cúise áirighthe d'fhreagairt. Fuaireas seirbheáil ón mbáille: páipéar dleaghthach ghá éileamh orm dul os chómhair na dlighe. Giolla na seirbheála: an té a chuireas amach na fógraidhe chun bheith láithreach i gcúirt. Is mór an lucht seirbheála iad: dream a thugas a chéile i gcúirt. Cuir seirbheáil mhaith dhaingean ar an ndubhán: ceangail. Níl an tseirbheáil cheart ar an seisrigh chun treabhtha: nílid gabhtha ina gceart.

seirbhís: *b.2.* fóghantas, obair, feidhm, tairbhe; crábhadh; feirm áirighthe úrnaighe; gníomh déanta ar son nó do thairbhe dhuine, d'ionad, do chúis, etc., feadhmannas

friothála poiblidhe; freastal bídh, etc.; obair phoiblidhe, dualgas poiblidhe go háirighthe mar bhaineas lé roinn den riaghaltas. Chaitheas deich mbliadhna ina sheirbhís: ag déanamh pé cúraim do a bhí riachtanach. Chaith sí a saoghal i seirbhís Dé: ag fóghnamh do Dhia: ag déanamh dréir Dé. "Ní ag déanadh seirbhíse don tsúil dála an lucht do ghní toil na ndaoine; acht mar shearbhfhóntaidhe Chríosd, ag déanadh toil Dé ó chroidhe" (Eph. VI. 6): ag leanamhaint mian na colna. A bheith búntáisteach, canntalach mar sin ní raghaidh sé chun do sheirbhíse, ní tuar ratha é: chun do mhaitheasa. Ní mór an tseirbhís duit bheith sprionnlaithe: ní mórán breise dhuit é. Ní haon tseirbhís duit bheith ag gabháil de – tá sé gan aon mhaith: ní tairbhe bheith d'iarraidh a shocruighthe. Is fada as seirbhís an muileann san: ó dhein sé aon obair. Níl an máighistir i seirbhís lé fada: tá sé éirighthe as mhúinteóireacht. Seirbhís na marbh: na húrnaighthe a léightear ortha. Biadh maith ach an tseirbhís an-mhall: an freastal. Rud neamh-maitheach ná déanfadh seirbhís d'éinne ach do féin: comaoin. Sé a bhfuaireas tar éis mo sheirbhíse bata is bóthar: tar éis a ndearna. Nár thugaidh Dia luach mo sheirbhíse dhómh-sa a thug aon chómhairle dho: faic de bhárr mo shuime ann. Dhéanfá seirbhís mhór dom ach cuideachta do dhéanamh dom go tráthnóna: rud a raghadh chun mo bhaile nó mo shástachta. As a sheirbhís dá dúthaigh bronnadh táille air: ar son a ghnímh di. D'fhág an cócaire ár seirbhís an tseachtmhain seo, budh bheag léi an tuarastal: feadhmannas.

seirbhíseach: *a.* áiseamhail, tairbheach, maitheasach, dícheallach. Budh sheirbhísighe dhuit go mór agus go fada rud éigin eile do dhéanamh 'ná bheith ag cómhchainnt lé héinne a bhuailfeadh leat: budh thairbhighe. Ball maith seirbhíseach an scian san: áiseamhail. Is seirbhísighe do bítear do 'ná mar bhíonn sé do dhuine: is áiseamhla: is maitheasaighe bhíonn daoine dho 'ná mar bhíonn sé dhóibh.

seirbhíseach: *f.1.* feadhmannach, fóghantaidhe; duine a bhíos ag obair do líon tighe. An té a bhíos ina sheirbhíseach mhaith do dhaoinibh eile bíonn sé ina droich-sheirbhíseach do féin: duine a bhíos níos fonnmhaire rud do dhéanamh do chách 'ná do féin. Ní bheinn im sheirbhíseach ag éinne: ní dhéanfainn rudaidhe suaracha d'éinne is é féin díomhaoin. Is tusa an seirbhíseach cruinn nách cás maoidheamh as (searbhas) .i. duine gan aon chrích. "Agus amhailt mar bhias ag an seirbhíseach seadh bhias ag a máighistir, etc." (Isaiah XXIV. 2): an te a bhíos ag déanamh gnótha dhuine eile. Ní fios céaca an seirbhíseach nó an máighistir sa tigh seo .i. gach éinne is a ughdarás féin aige. Labharfadh sé chómh dána lé seirbhíseach Dé is labharfadh liom-sa nó leat-sa: sagart, ministir: duine a scrúduigheas briathar Dé don bpobal.

seirbhthean: *f.1.* mí-chéadfadh mór, searbhas, sean-bhlas, déisteann, díombáidh. Tháinig seirbhthean air go n-iarrfainn aon rud ar cáirde air féin: míchéadfadh a leithéid do chur fé n-a thuairm. Tar éis a ndeárna gan fiú an bhuidheachais féin aige orm ná cuirfeadh sé seirbhthean ar éinne: déisteann. Beidh seirbhthean ort liom nuair chloisir gur chliseas ort: míchéadfadh: díombáidh. Tar éis gach éinne ghá admháilt go raibh beart mhaith déanta aige, chuir sé seirbhthean air ná fuair sé a thairbhe ná a bhuidheachas: déisteann.

séirdín: *f.4.* iasc cosamhail leis an scadán go nguinidhibh níos mó is gan é chómh geal.

séire: *f.4.* an bhéile chinn lae, suipéar, fleadh. Céad-phroinn, proinn agus séire: raghad ar séire chúcha: chun béile na hoidhche do chaitheamh. Tugadh coinnimh séire dhom: tugadh fleadh im onóir.

séireach: *a.* biadhmhar, fial fén mbiadh. Sa Mhumhain uile níl tig is séirighe 'ná é, níor leigeadh éinne amach riamh as gan an biadh do thafant air: is féile fén mbiadh.

seirgneach: *a.* caithte, lom, léirighthe. Tá breis agus a dhóthain fachta den ngalar aige, tá sé chómh seirgneach san ná fuil a dhealbh san éadach: léirighthe: caithte, croithte. Ní mór ná go ngeóbhadh an ghaoth 'san ghrian tríthe tá sí chómh seirgneach san: caithte: léirighthe.

seirgtheach: *f.1.* duine léirighthe, lom, caithte. Cad iomcharóchadh an seirgtheach bocht san go bhfuil a bhaotháin buailte ar a chéile?: duine ná bíonn ann ach na cnámha is an croiceann lé luime. Tabhair rud éigin lé n-itheadh don seirgtheach san, sara scaraidh an t-anam leis: duine chómh caithte sin go gcuirfeadh iongadh ort é do mhaireachtaint. Dá bhfaghaidís aon rud lé n-itheadh ní bheidís ina seirgthigh gan siubhal an bhóthair ionta: rudaidhe go mbíonn na cnámha ag polladh an chroicinn aca.

séirse: *f.4.* rás, fotharaga, deithineas, broid, luas. Seo leó ar séirse d'iarraidh na gcos do bhreith leó ón namhaid: i ndeireadh an anama. Aon dul ar theacht suas leis ní raibh agam, bhí sé ar na séirsidhe reatha: ina sháin-rith: chómh mear agus iomcharóchadh cosa é. Riamh níor thárlaidh aon fhear is imshníomhaighe liom 'ná é, ar síor-shéirse: ag gluaiseacht ar dubh-thiomáint. Tá sé luath déidheannach agat anois séirse do bheith ort: fotharaga. Ar séirse ó mhoch na maidne go tuiteam oidhche: gan a chos do chur fé ach ag rith ag déanamh ruda éigin. Cuirfead-sa séirse ag imtheacht ort mara gceapair do shuaimhneas: an teicheadh go luath láidir. Cad n-a thaobh é do bheith ina shéirse ort? ná fuil an lá fada agat?: ina dheifir. Bíonn séirse aighnis fé, ní mór go dtuigfeá an dara focal uaidh: luaith-bhéalaidheacht: iomad fotharaga ag cainnt. Baineann séirse na cathrach mo mheabhair shaoghalta dhíom, ní fhanann dhá lá innte: gleódh is dul tré chéile. Na capaill ar séirse an pháirc aníos: ag déanamh an oiread ráis agus bhí ina gcroidhe. Beireann sé breágh bog ar gach aon nidh, ní leigeann sé aon tséirse air féin: ní shuadhann sé é féin lé haon broid. Níor fhág an séirse riamh iad: deabhadh is imshníomh. Ní raghadh sé lét anáil mara mbeadh an iomad séirse do bheith ort leis: imshníomh is deabhadh. Is fada fós go bhfeicfir é sin, ní haon tséirse atá air: imshníomh chun fillte. Imthigheadh an séirse: ciúnuightear: maoluightear. Seo teine atá ar séirse anois éinne go mbeadh gnóth aige dhi: ag lasadh. A theanga ar séirse ó scur leigeant: gan sos ná faoiseamh ach síor-chainnt. Bímís ar séirse tá an gála chughainn: ag luathughadh. An-bhreóidhte, an-lag, tá an chuisle ar séirse aige: ag bualadh an-mhear. Ní mor an séirse a rug riamh, agus sin é cúl atá thiar aige: an fotharaga. Imthigheadh an séirse dhíot: beir fada air.

séirseach: *a.* fotharagach, saothrach, deifreach, deithineasach. An t-earrach is an fóghmhar an dá thráth is séirsighe ag an bhfeirmeóir, an cur agus an bhaint: is broideamhla. Is séirseach an duine é, ní fhágann sé poll ná póirse gan cuardach: broideamhail: fotharagach. Tráthnóna thiar táir chómh séirseach is bheadh duine eile ar maidin: chómh fuadrach, fotharagach. Cuisle shéirseach indiu agam: mear. I ndeireadh na

dála ní mór do bheifeá chun deiridh is gan bheith chómh séirseach is taoi: fuadrach, imshníomhach. Gadhar séirseach é sin ná fágfad madra sa cheanntar gan talamh do dhéanamh air: cuarduightheach, dícheallach sa tóir.

séirseáil: *b.3.* cuardach, útamáil, fotharaga. Nách é cat na séirseála é, féach cá bhfuil sé ag lorg anois: cat cuardaigh. Cad í an tséirseáil atá sa chófra san agat?: cuardach: útamáil mar bheadh ar lorg ruda éigin go dícheallach. Ná bíodh aon tséirseáil im phócaidhe agat, níl faic ionta: útamáil. Ag séirseáil an tighe dhe is gan dul agam ar aon nidh d'fhagháil: ghá chuardach ina órdlaighibh. Dá mbeinn ag séirseáil ó shoin ní bhfaghainn é: ag curdach dóighe agus andóighe dhe. An bhfuairis aon tséirseáil?: aon rud, dá luighead é, de bharr do chuardaigh. Ag séirseáil na dtighthe dhíot ó cheann ceann na sráide: ghod chuardach go cúramach. Ní lá fós é mara raibh séirseáil ag gabháil tríd an uisce aice: rás is fuinneamh. Budh mhór an tséirseáil do é d'fhagháil amach is an áit go raibh sé i bhfolach uaidh: cuardach is útamáil. Táir chómh gnóthach lé mnaoi na séirseála: bean ghreithileánach ná déineann faic. Féach an tséirseáil anois agus a fhios aige go bhfuil sé ró-dhéidheannach: an deabhadh go léir mar dheadh. Is iomdha séirseáil déanta aice chun an bheagáin airgid sin do chur lé n-a chéile: cuardach, lorg agus dícheallacht. D'fhágas fém shéirseáil é: gan fagháil dá mhéid é mo chuardach, mo ghreithileán is m'útamáil. Dá bhfeictheá an eascú mhór, dhubh ag séirseáil an chuasa ar lorg an tsalachrála: ag cuardach go mion, cúramach.

séirseálaidhe: *f.4.* greithleánaidhe, duine go mbíonn fuadar ag cuardach fé, práidhneach, fústrach, útamálaidhe; fústarálaidhe. Dá mbeadh rud fé chloich agat gheóbhadh an séirseálaidhe gadhair sin amach é: gadhar ná téigheann lag air ach ag lorg 'sag cuardach. Na trollairidhe séirseálaidhthe na mara: luingeas a chuarduigheas an uile-phioc de thóin mara ar thóraidheacht éisc. Cad tá ón séirseálaidhe sin i bpócaidhibh na ndaoine: útamálaidhe. Fág fén séirseálaidhe úd biadh do sholáthar: duine ná fágfadh aon áit fé n-a chuardach. Níl aon teóra mar shéirseálaidhe leis an mbád fé thuinn.

séirseálaim: *b.a.* cuarduighim, útamálaim, cnúbhálaim. Shéirseálas an tigh de is amharc ní bhfuaireas air: mhion-chuarduigheas. Séirseáil leat ach sin a mbeidh dá mhaith dhuit ann: cuarduigh is cuir thart gach aon rud id threó. Séirseálfaidh na cómhachta cómhraic a chéile go maith an samhradh so: féachfaid a neart lé chéile: cuardóchaid ar lorg an bhaill laig ina chéile. Séirseálfaidh na ceisteanna so an croidhe agat: cuirfid trít ughamachaibh ó talamh thu. Go séirseálaidh an diabhal an t-anam aige, an crochaire!: go loirgidh is go ngreamuighidh. Shéirseálais tú féin lé rás: chnúbhálais: thraochais: aon neart ná anál a bhí ionat bhí do thriall air. Céaca adéarfá a bhuaidhfidh? nách dóigh leat ná go séirseálfaid a chéile go maith: tástálfaid. Shéirseálfadh an chruadh-obair seo an t-anam ionat: chuirfeadh sé ar a thástáil go maith é. Séirseáil do phócaidhe, ní fuláir nó tá scilling bhradach éigin agat: útamáil: gíotáil.

séirseálta: *a.r.* cuarduighthe, loirgthe, útamálta, cíorlálta, traochta. Tá a bhfuil ó Chorcaigh aníos séirseálta agam agus níor chuala an focal san ag éinne ach agat: cuarduighthe go mion. An Daingean séirseálta agam de phlúr is gan gráinne ann: é loirgthe i ngach dóigh agam. Pócaidhe séirseálta agat anois, a fhir bhoicht tar éis na rás: coillte: a raibh agat buaidhte uait. Táim chómh séirseálta agus b'fhéidir do bheith ges na

ceisteannaibh sin, thugadar mo shaoghal im dhorn dom iad do fhreagairt. Ar mh'anam gur oibrigheas ró-chruaidh, táim séirseálta tar éis mo lae: traocht. Ní fada ná go mbeidh an t-oileán séirseálta ag an namhaid anois: cuarduighthe, cíorlálta, a raibh ina gcoinnibh dá dtreóir. Is cuma dhom anois bheith baileach nó eile táim séirseálta: scríobtha, scriosta. Cuan séirseálta ina ndiaidh é: cuarduighthe is an t-iasc gabhtha. Ní raibh riamh tír budh shéirseálta ná Éire ag tighearnaidhibh talmhan: airgead fáiscighthe as na tríontaidhibh.

séirseamhail: *a.* greithileánach, cuarduightheach, cíorláltach. Nuair chuireann sé cuma shéirseamhail chun bóthair air féin budh dhóigh leat go ndéanfadh éacht, an gleodh is an fothrom go léir a bhíonn aige: greithileánach, fústrach. Ní bhíonn aon chao aige air gan tubaist éigin d'imtheacht air, bíonn sé ró-shéirseamhail, ní fhanfadh sé lé n-a anam: fotharagach. Dá shéirseamhla táim ó mhaidean gan suidhe gan sos ní fheicim aon rud déanta agam: dá ghreithileánaighe: dá mhéid é mo dheabhadh is m'fhuirse. Ag cur 'sag baint seadh bhíonn an feirmeóir séirseamhail: gnóthach, broideamhail, greithileánach.

séirsín: *b.4.* téadáinín caol. Séirsín chnáibe budh cheart do chur fé n-a mhuineál.

séis: *b.2.* guth bhinn, ceól, siolla caoin ceóil, cómhrádh. Rinneadar séis mhór chainnte lé chéile ar an mbinnse sar ar thugadar a mbreith: cómhrádh fada dáiríre. Is aoibhinn liom do shéis cinn, cuireann sí binneas ar mo chroidhe: guth cantana. "Go dealbh, mo léan, gan féis mar chleachtadar/ séise téad ná beathuisce ar bórd": fuinn aoibhne cheóil. Ceól ina shéis (shéise) ar feadh na hoidhche aca: ina shruth bhinn gan sos ná staonadh. Connus mhairir in áit iargcúlta mar é sin i bhfad ó shéis na ndaoine: ó ghlór is conbharsáid. Cloisimís do shéis-se, a dhuine sin: labhair.

séis-: *i gcfbh.* binn, ceólmhar, blasta. Ní raibh dul amach ar amhránaidhe budh shéis-bhinne lé n-a linn 'ná é: budh breághtha guth. Maidean shamhraidh budh chneasta léd chroidhe éisteacht lé n-a séis-ghuth: binn, ceólmhar. Ní mór ná go gcuirfeadh amhrán ó n-a séis-ghob súd chun suain thu: béilín binn, ceólmhar.

seisc: *b.2.* féar fiadhain garbh a fhásas cois farraige; talamh faille mara agus séithleán tríd. Tón seisce i gcathaoir: d'fhéar garbh. Chuadhamair i dtalamh sa tseisc: log garbh, fliuch isteach i dtaobh faille.

seisce: *b.4.* luime, neamh-thorthamhlacht. Má bhír ag braith ar sheisce na talmhan úd beidh thiar ort maidir lé beatha: luime boichte a úire. Ní bhuailfeadh na ba i bpus air lé n-a sheisce: tuire is ceal sughlaigh.

seisceach: *a.* fliuch, garbh-fhéarach, slatach. Ní mór an mhaith d'ainmhidhe é, tá an chuid is mó de seisceach, raghfá go bolg ann, is gan ann ach garbh-fhéar is giolcach: ina bhogach. I dteórainn an tsléibhe níl ann ach féar seisceach: garbh, fiadhain.

seisceann: *b.2.* sraith, bogach, riasc, fiadhanach. Mar a chéile dhuit siubhal trí n-a chuid talmhan nó trí sheiscinn, usice go bolg ort ann: talamh bog, uisceamhail. Táim i seiscinn anois nó riamh agus is dócha go bhfanfad innte: bogach: draip: i ngreim.

seise: *f.4.* caomhna, céile. Seise an chuirp an t-anam: céile: comrádaidhe. “Creid me leis go bhfuilim lán de dhathachaibh” – “is maith an seise atá agat”: caomhna: comrádaidhe. Ní haon tseise dhuit-se an cladhaire sin: páirtidhe bóthair: caomhna: comrádaidhe.

séiseach: *a.* glórach, ceólmhar, binn-ghuthach, buidheanmhar. Beidh oidhche shéiseach againn, tá na buachaillidhe is na cailínidhe go léir bailighthe: ceólmhar, sultmhar. Níl sé chómh séiseach agus bhíodh sé, is dócha gurb í an aois atá ag teacht air: chómh cainnteach.

seisear: *f.1.* sé dhuine. Seisear mac, inghean, fear, ban, clainne. “...anois cómhnóchaidh m’fhear agam, de chionn go rug me seisear mac do” (Gen. XXX. 20). Ualach aon tseisir fear san gcómhrainn. Seisear de leanbhaidhibh greanta. Seisear páistidhe gan luid den éadach.

seisidheach: *f.1.* an séamhadh duine. Chuaidh sé ’on bhád mar sheisidheach, bhíodar gearr.

seisiún: (**sosún, sosón**) *f.1.* cruinniughadh, suidhe dleaghthach cúirte go mbíonn giúistís nó breitheamh i gceannas chun na dlighe do riar. Beidh seisiún aca orm anois: dream daoine is iad ag trácht orm mar bheidís ag cur ruda éigin trí chéile a thárlaidh lé déidheannaighe roime sin. Ceathramha ’súin: fé dhlighe Shasana árdchúirt fén dtuaith dhá uair sa mbliadhain.

séismhear: *a.* ceólmhar, binn. Na héanlaithe go séismhear sa ghleann: ag cantain.

seisreach: *b.2.* dís nó breis chapall ag treabhadh; cuingear threabhtha. Milleann tairnge each agus milleann each seisreach: capall ná luighfeadh lé capall eile ag treabhadh. “Mo sheisreach gan scur is mo bhranar gan cur” .i. níl faic dhá dhéanamh ar mo chuid talmhan. Ní haon lá fastaomach lá seisrighe: lá treabhtha.

séithleach: *a.* lag, truaillighthe. Bhíos ró-shéithleach tar éis mo catha breóidhtighe chun aon oibre do dhéanamh: ró-lag. Ó rugadh é tá sé séithleach mar sin go mbeadh coinne lé n-a bhás aon lá agat: caithte, croithte, tairngthe. An té is lugha a gheibheas lé n-itheadh is é is séithlighe, nidh nách iongadh: is luime agus is laige.

séithleach: *f.1.* cnámh-dheilbh an duine; duine caol, bocht, suarach; crann-dhuine gan bláthas feóla, leas-ainm ar dhuine lom, caol. Na séithligh bochta ná fuil leath a ndóthana lé n-itheadh: truagháin thruaillighthe. Lé déidheannaighe tá séithleach ar fad déanta de: rud sprionnlaithe. Cad as an séithleach?: duine a thaibhsigheas árd, caol gan deallramh.

seitreach: *b.2.* faoidh an chapaill; gearán, cáiseamh. An láir ag seitrigh ar a searrach. An capall ag seitrigh lé háthas me do theacht. Tá an chlann ag seitrigh ó mhaidean: ag gol ’sag crónán. Cuirfead-sa ag seitrigh thu mara gceapair do shuaimhneas: bainfead béiceach asat. Cad í an tseitreach so ort-sa anois?: cad é an gearán so ort? Tá bidh ón gcapall, tá sé ag seitreach.

seitrighim: *b. n-a.* Do sheitrigh an capall ar bhiadh: d'éigh sé mar is nádúrtha dho.

seo: (**so**) *réamh-fhocal foillsightheach* an duine rud, etc., atá i láthair, go bhfuil tagairt do. *Mar dho-bhriathar nó intriacht*, féach. Connus tá an té seo d'áirighthe: duine is eól don nduine go gcuirtear a thuairisc air gan tuilleadh tagartha. A ghiolla so an ghluaisteáin cad tá uait-se anois?: tusa, a bhuachaill etc. An tráthnóna so a chonnac-sa é: an tráthnóna áirighthe. Ní hé an fear a deir-se in ao'chor an fear so: an té go bhfuilim-se ag tagairt do. An té seo agam-sa: mo chéile. Cad so ar siubhal anois agaibh?: an rud. An chos so agam-sa: cos go bhfuil iomard éigin uirthi. An ceann so ort, bhainfeadh sé an mheabhair d'éinne: an saghas cinn. Cad é seo is ainm don mbaile .i. nuair bheadh duine d'iarraidh cuimhneamh uirthi. An chainnt seo air .i. is mór go léir an mhuinghin atá aige as féin. Cráidhte go maith atá Séamas so agam-sa nár éirigh leis: mo mhac Séamas. D'éigh sé orm, ar seo d'iompuigheas mo cheann: nuair chuala an glaodhach. Budh cheart do bheith ann fé seo, cad tá ghá chongbháil, ní fheadar?: um an dtaca so. As so suas bíodh deireadh agat aon bhaint do bheith lém ghnóthaidhibh agat: feasta. As so go dtí san tímcheall dathad míle: ón áit ina bhfuilimíd nó atá dhá dheimhniughadh againn. Fág as so!: imthigh. As so amach anois tabharfaidh sé iarracht ar a bheatha do leasughadh: ón dtaca so feasta. Chun so do bheith déanta ina cheart níor mhór breis aimsire chuige: d'fhonn nidh áirighthe do dhéanamh. Tabhair do so é agus fág duine eile á cheal, sin é ina éad láithreach é: do dhuine seachas duine eile. Pé rud a tháinig anois air, bhí sé ar fheabhas na cruinne go dtí seo: go rochtain an ama fé láthair. Go dtí so bhí saoghal bog aige: an méid dá shaoghal atá caithte aige. Gan so ins na coingheallachaibh ní margadh é: agó áirighthe bheith istigh. Chómhairligh sé dhom an dá láimh do chur ar an mbóthar, leis seo chuireas díom: mar thoradh air sin. Leis seo an domhan mór, dar leis: is é a chuid é. Ar seo súd do chaitheamh air bheadh sé sásta: trí san do dhéanamh. D'easonóruigh sé thu, ghoid sé uait, tharais seo, cad b'fhéidir leis do dhéanamh leat mara marbhóchadh ar leithridh thu: seachas san. Ó so amach anois bogfaidh an saoghal: feasta. Budh mheasa go mór roimhe seo é: san aimsir atá imthighthe. Seo orm iad gan aon choinne: d'ionnsaidheadar me go prap. Seo orm sibh: seo chugham sibh: deinidh bhur ndícheall. Seo orm an chabhair: thángadar im dháil go luath láidir. Seo as sibh!: imthighidh. Seo chuige thu, nár stadaidh ár ndícheall thu: pé rud atá fút do dhéanamh tabhair fé. Seo chun a chéile iad: d'ionsaigheadar a chéile gan mhoill: seo ar a chéile iad. Seo ar a chéile sibh: chun imeartha, catha, argóna, etc. Seo dhuit púnt as do chuid duaidh: tóg é. Seo dhuit-se do cheart: féach, sid é é, agus tóg é. Seo fé chéile iad: thugadar fogha cainnte, bruighne etc. lé chéile. Seo fén bhfarraige iad: amach leó agus ní go mall é. Seo fá dhéin an tighe é d'iarraidh gunna chun me do lámhach: chun an tighe go fuadrach. Cad dob áil leat annsan, seo faram thu: téanam liom. Seo go Sasana leat: imthigh fé luas. Gan so do dhéanamh ní bheidh puinn deallraimh léithe mar obair: fé n-a bhun. Dubhairt sé leó éisteacht, acht leis seo screadadar go léir ag faoidhrigh: ar an uain sin. Seo mar atá agat, agus is lán-dhona an scéal é: sin é aiste atá ar an aiste. Seo mar tá agam, níl aon rud lé n-itheadh agam ná aon rud a cheannóchad é: sid í an aiste atá orm. Seo tharm amach é agus oiread deabhaidh air gur dhóigh leat ná béarfadh a anairt ar luach: é ag cur de go géar láidir. Anois ní fhéadfainn é do dhéanamh ina dhiaidh seo, b'fhéidir: tar éis tamaill. Seo leat níl éinne ag cur cosca leat: lean ar t'aghaidh. Seo leat é mar sin, má tá meas fir agat ort féin: féach céagainn is fearr. Seo anois, suidhimís chun bídh go síothach, grádhach: gan a thuilleadh moille, cainnte ná eile. "So súd orm", ar seisean "go ndéanfad cuirp má

theangmhuigheann éinne liom": mío-ádh orm, etc. Dar so súd nuair gheóbhad-sa an chao air cúiteóchaidh sé liom a bhfuil déanta aige orm: dearbhuighim é: luighim fé. Ní dubhart so ná súd ná "chughat an phúca" leis: faic in ao'chor a chuirfeadh mairg ná buadhairt air. Tair i leith chugham, tá gnóth agam díot, a leithéid seo, an dtiocfá in aimsir chugham: rud áirighthe atá lé haithris. Ní fhéadann so súd do bheith ag duine: gach nidh a theastuigheas nó a oireann do nó é do bheith ina phóca is ina mhála ag duine. "So súd is súd is so orm", ars an fathach "go bhfaghaim boladh an Éireannaigh ar an bhfóidín fírinneach": dar fiadh: dhearbhóchainn aon rud air. Níl so ná súd anois agat: tá sé caillte ar gach taobh agat. Seo iad ag gabháil stealla ar a chéile gan chúis gan adhbhar: chromadair gan aon ghroga. Budh seo leó go héascaidh nuair fuaireadar an glaodh: d'imthigheadar go fuadrach. Seo é an coimse: an méid seo. "Seo mo lámh duit ná fuilim pósta": tabharfad mo lámh mar urradhas air. An fear so an mhaoidhimh ar fad, cá bhfuil sé anois?: duine áirighthe is soiléir ón dtagairt sin. Coimeádtar ar siubhal é nuair bhíonn so súd chuige: iomad gnó.

seó: (**seódh**) *f.1*. teasbáinteas, aon rud ar amharc lé suimiughadh mar peictiúiridhe, eallach, bláthanna etc.; caitheamh aimsire, greann, magadh, aon rud iongtach nó ait, fastaomach; mórchuid, liacht. Is mór an seó thu lé crostacht, a leinbh: tá an mío-ádh ort léi. Is mór go léir an seó lé n-itheadh iasc úr maith i séasúr: bíonn go hiongtach. Is mór an seó an capall san: tá sé go hiongtach ar fad; ach is mór an seó lé stailc é: tá an donas air. Is mór an seó chun farraige é: dúil an domhain aige do bheith uirthe agus é go maith chúiche. Beidh an seódh daoine sa tsochraid sin tá mórán dá leanamhaint: oiread agus go dtógfaí ceann díobh. Thuill sé an seó airgid agus chaith sé an seó: cuid mhór. Táim im sheó bóthair, theip an fearas orm, ní fhéadfainn dul stróc eile: im cheap magaidh nó cainnte: ciapuighthe, cráidhte gen dteangmháil seo. Dhein an t-ólachán seó bóthair de: mhill sé é: chuir sé sa tslighe é ná raibh bun ná deallramh leis. Má éirigheann faic dom anois beidh seó bóthair ag an saoghal mór orm: magadh is fonmhóid. Dhein sé seó bóthair díom fén scrúdughadh: bhuaidh sé pic orm. "Bhí sé ró-ghlic duit an lá úd" – "tá san de sheó aige orm riamh ó shoin": déineann sé magadh fúm mar gheall air. Níor chuala focal seóidh riamh as bhéal an dúra dara: focal lé greann ná sult. Ná tóg aon cheann d'aon rud adéarfadh san leat fear seóidh seadh é: duine gan puinn fuaimeanta nó adeir rudaidhe lé greann. Beir leat nách aon fhear seóidh é siúd agat: duine go ndéanfá magadh fé. Níor thóg sé ina sheó in ao'chor an rud adubharthas leis: níor thaithnigh sé leis: ní sult a dhein sé dhe ach dáiríre. Bíodh seó againn air: bímís ag gleáchas leis, ag rádh nó ag déanamh rud a dhéanfaidh sult dúinn. Ní haon nidh rud ina sheó mar sin: aon rud adéarfaí lé gleáchas nó lé greann níor cheart é do thógaint. "Níl leath a sheóidh ag éinne ach aige féin", deirtear lé duine a bhíos ins na trithidhibh gáiridhe lé sult. É ina bhoc seó i ngach tigh tábhairne dár ghnáthuigh sé: é go taidhbhseach, gleódhach. Chailleas mo spéaclaidhe is beidh seó an lae orm ghá lorg: im cheap magaidh. Bheadh seó na bliadhna agat air ag éisteacht leis ag cur síos ar connus fuair sé an sean-táille is gan é an t-aos: bheadh mórchuid caitheamh aimsire is suilt agat. "Is tú an seó agam": is mór an duadh a gheibhim ded bharr. Táim im dhearg-sheó ag an súil thinn seo: clipighthe, cráidhte aice. Sin é ina sheó chroidhearg os chómhair na dúthaighe é: rud éigin éirighthe dho go bhfuiltear ag cainnt air: gurb é scáthán gach éinne é. Déanfair seó dhíom má bhír ag cainnt mar sin im thaobh: ceap magaidh, teasbáinteas. Bheinn im sheó mara mbeadh tu, cheal cóngaimh: im raic: ar an bhfán. Is mór an seó lé breághthacht mar aimsir í: go hiongtach. Bíonn an seó cainnte aige siúd leis, dálta an scéil, ní mór an

iongadh daoine bheith in achrann leis: breis mhór agus a cheart. Ná bí ag seó leis in ao'chor, droich-ghéag é sin: bheith ag déanamh suilt de. Níl aon tseó annso ach iad: gach éinne ag tógaint ceann díobh toisc rud éigin a thárlaidh. Lé seó adubhart é: ní rabhas i ndáiríribh: níor mheádhas mairg do chur ort. Níl seó ná cuideachta ann, ní duine d'éinne é: ní bhfaghfá an chainnt uaidh agus ní fhéadfá sult do dhéanamh leis. D'imthigh an seó as ó cailleadh a bhean: an greann 'san gleáchas.

seobob: *f.3.* fústar, fotharaga, dul trí chéile; dobuan. Chuir an iomad den bhfeóil úr seobob air, níor réidhtigh sí leis: scaoilteacht. Cuir díot an seobob níl an saoghal ag imtheacht uait: an deabhadh is an fuirse. Leis an seobob a bhí orm ná beinn déidheannach, dhearmhadas mo thuicéad: fústar, imshníomh is fotharaga. Thárlaidh seobob éigin istigh ná féadfadh éinne an suidheachán ceart d'fhagháil: dul trí chéile.

seoch: (**seach, seachas, seochas**) Is iongtach an fear tusa seoch éinne eile, dar leat: i gcómhnáird lé. Beidh daoine seoch mise ann: nách mise: a thuilleadh nách me. Daoine seoch a chéile gur fearr leo díomhaointeas: thar a chéile.

seód: *b.2.* rud luachmhar, cloch uasal; maoin, gustal; cailín gleóidhte, deas; peata. Fuair sé fáinne, dar leis do b'iongtach ar fad an tseód é, ní mór go leigfeadh sé as a láimh é: rud luachmhar. "Acht ó chím chugham do bhuime san ród/ ní gheallfad duais duit, duain na seód": órnáid cuirp go mbeadh clocha lóghmhara innte: rud mór-luaigh. "Ba ró-bhreágh an tseód é san Árc ag Noé ag snámh go cródha ar bórd gach tuinn/ lán de shórthaibh ar bharr na bóchna/ 's i dtalamh gan cheó do sheól sé tír": nidh go raibh luach mór ann agus éileamh air. Ní haon tseód í, geallaim duit, dá mbeadh sí fiche uair níos breághtha: aon rud gur fiú maoidheamh aiste lé háilne. Sean-sheóda na háraistidhe cré seo fuairtheas an lá fé dheireadh: rudaidhe luachmhara. Níl aon bhaoghal ná go bhfuil seód agam an lá táir-se agam: fagháltas gur fiú maoidheamh as. Fuair sé tuiteam árd, trom ach ní fhanfaidh seód air: ní fhanfaidh rian air. Níl seód agam tar éis mo bheatha: faic, airgead ná a chómh. Seód 'e bharra d'iasc níl tar éis an lae aca: luid in ao'chor. "Agus do chuir me seód oirdhearc ar t'éadan agus cluas-fháinnidhe in do chluasaibh agus coróin bhreágh ar do cheann" (Esec. XVI. 12): órnáid árd-luachmhar. Is é is gartaighe dár chuir cos i mbróig, ní thabharfadh sé seód duit, dá dtógadh sé ón mbás thu: oiread an frighe. "Sid í an tseóid agus is ró-bhreágh an tseóid í, cad is cóir do dhéanamh léi?": i gcluiche leanbh seo mar deirtear le duine go mbíonn a cheann fé agus rud éigin tógtha anáirde ag an té a fhiafruigheas an cheist. Tá seód agat leis an gcois tinn sin! Tigh na seód: an tigh ina gcoimeádtar is go mbíd ar teasbáinteas, saghas rud a bhaineas lé healadhain, tíorachas is eascar treabhachas. Cófra seód na bainríoghan: an bosca ina mbíonn a hórnáididhe pearsan ar coimeád ann.

seódóir: *f.3.* tráchtálaidhe go mbíonn siopa aige chun seóda do dhíol ann.

seódóireacht: *f.3.* trácht is ceard an tseódóra.

seóigh: (*gen. ar* seó) *mar a.* iongtach, thar barr. Táim go seóigh gura maith agat-sa: ar fheabhas. Cloisim go bhfuil gach aon rud ag teacht go seóigh chughat: go han-mhaith. Bhí an fheóil go seóigh lé n-itheadh: thar barr. Seimeann sé go seóigh: ar fheabhas ar fad.

seóinín: *f.4.* duine a ghníos aithris ar Shasanach, go mbíonn táir aige don Éireannach. Ní fhágadh sé luid measa ag seóinínidhibh an bhaile mhóir ortha féin le greadadh as a bheith ag déanamh aithris ar shlightibh Sheáin Bhuidhe: daoine gallda na háite. Seóinín beag suarach gan dúthamhlacht, gan spirid: duine neamh-Ghaedhealach. Sin é uair a bhíodh na seóinínidhe ag lútáil ar na tighearnaidhibh talmhan: fáslaigh: lucht taidhbhse.

seóinínteacht: *b.3.* galldacht i mbéasaibh is i ndúmas, aithris thaidhbhseach. An iomad seóinínteachta ag baint leis chun conbharsáide do dhéanamh lé daoinibh tuaithe: lag-uaisleacht. Lobhtha lé seóinínteacht do bhí an tír seo tamall: do dhéanamh aithrise ar shlighthibh gallda.

seóinseáil: *b.3.* athrughadh aimsire, etc., mion-, frith-airgead, airgead láimhe. Beidh seóinseáil chughainn sara fada, féach an ríocáil ghaoithe atá sa spéir: athrughadh. Braithim ar mo shean-chnámhaibh go bhfuil seóinseáil (aimsire) air: athrughadh. An mbeadh seóinseáil púint agat ina airgead ruadh?: mion-airgead. Fan léd sheóinseáil: frith-airgead: an méid a bheadh ag teacht as shuim áirighthe i ndíol earra. Chaitheas chuige a raibh de sheóinseáil ar thóin mo phóca: mion-airgead. Chonnac go raibh rud éigin ag teacht air, mar bhí sé ag seóinseáil ina dhath: an lí ag athrughadh ann. Deineadh seóinseáil ar lá na cúirte ón Luan go dtín gCéadaoin: athruigheadh lá a shuidhte. Déanfad seóinseáil leat más dóigh leat gur fearr an t-ionad atá agam: malartóchad ionad leat. Lé seóinseáil an tsaoghail chuaidh sé chun bochtanachta: athrughadh. Ní hag seóinseáil do chreidimh ataoi?: ag dul ar malairt creidimh. Dhíolas an tseóinseáil bheag a bhí aice orm: iarraga fiacha.

seóinseálach: *a.* athruighthe. Aimsir an-sheóinseálach í, ní bhfaghfá dhá lá mhaithe as a chéile: athruightheach. Duine seóinseálach: luaith-intinneach.

seóinseálaim: *b.a. 7 n-a.* athruighim, brisim (airgead), malartuighim. Ná seóinseáil bille na gcúig bpúnt san i dtaoibh scillinge: ná bris é. Má sheóinseálann an ghaoth is baoghalach dúinn: má théigheann ag séideadh as malairt áirde. Duine chómh sprionnlaithe eisean go seóinseálfadh sé feóirling ort: go mbrisfeadh, go mionóchadh. Níor sheóinseálas puinn faid bhís as baile, ní mór ná gur tú an fear céadna: níor tháinig puinn athruighthe id chlódh ná id mheón ort. Seóinseálfaidh an saoghal agus an aimsir thu: déanfaid malairt iomchair do chur ann. Sheóinseálas bille chúig bpúnt ar ór: fuaireas ór ina ionad: mhalartuigheas. Mara dtaithnigheann an suidheachán san leat seóinseálfad leat: malartóchad. Níor sheóinseálabhair fós (as an dtigh)?: níor fhágabhair é chun dul i malairt tighe.

seóinseálta: *a.r.* athruighthe, malartuighthe, mionuighthe, briste (airgead). Tá an aimsir seóinseálta, a fheara, tá sé ina gheimhreadh: athruighthe: malairt crota tagaithe uirthi. Ní raibh ach an t-airgead seóinseálta agam, airgead bán is ruadh fachta agam ar na billidhibh nuair sciobadh é: briste, mionuighthe. Dar leat, táim seóinseálta go mór?: athruighthe: nách me an duine céadna maidir lé clódh nó meón. An bhfuil do bhróga seóinseálta agat?: malairt na gceann a bhí ort anois.

seóirse: *f.4.* feic **tóirse**

seóirseán: *f.1.* feadghail ghaoithe, seórdán, siolla glórach. Ní maith an cómhartha ar an aimsir seóirseán do bheith ag an simné: glór mar bheadh feadghail: seórdán. Ar feadh na hoidhche ar fad níor stad sé de sheóirseán aniar díreach a chuirfeadh diamhaireacht ort: gaoth chómhnaidhtheach dhuairc, theann. A Chinn Sraithe is iomdha seóirseán mara buailte féd chnoga: gaoth chruaidh ghlórach. Caithfear feistiughadh éigin do chur ar an ndoras san, leathfadh an seóirseán atá fé isteach na céadta: siolla mar thagann trí scoilt nó oscailt.

seól: *f.1.* gléas chun snáithín nó abhras d'fhighe ina éadach. Fan leis anois, ní fada bheidh sé uait tá sé sa tseól: ar na stuic: ina dhéanamh crainn seóil: uaithne an tseóil: garmaidhe. "Ní tháinig riamh aon ghréasán ón seól chómh deas lé modhamhlacht": níor figheadh riamh rud is finne 'ná béasamhlacht is míne iomchair.

seól: *f.1.* adhbhar anairte nó éadaigh eile i bhfeirm áirighthe, cóirighthe ar an gcuma san, i gculaithirt luinge chun na gaoithe do ghabháil agus tabhairt ar í do chur chun cinn; cúrsa, comar, slighe, treóir, stiúradh; brigh nó luighe. An seól mór, láir, deiridh. Bhíomair ar seól ar feadh mí ar fharraige mhín gan rud in ár n-amharc ach aer is uisce: ag gluaiseacht fé anairt lé cabhair na gaoithe. Bímís ar seól: ag gluaiseacht. Táim ag teacht ar seól chughat: go tapaidh, mear. Cuirtear an long fé sheól: tairngtear anáirde an anairt uirthi. Ná leath do sheólta ró-mhór: ná leath do bhrat ach mar is féidir leat é do chonnlach: ná bíodh réim gan gustal fút. Tabhair mol an tseóil mhóir di (don luing): iomláine: árduigh go barr crainn é. An fada go mbeidh sibh fé sheól?: ag gluaiseacht. Ar mh'anam go bhfuil do phíp fé sheól agat, a bhuachaill: tobac innte agus tú ghá seachadh. Gan seól gan crann, gan bata gan stiúir: gan aon ghléas a chuirfeadh chun siubhail í. "Im aonar seal ag siubhal bhíos/ i dtúis oidhche i ngaorthadh ceóigh/ lém thaobh gur dhearcas fionn-ríoghan/ dom ionnsaighe go séimh ar seól": go luaimneach, éascaidh. 'S leabhair-phíob mar ghéis ar seól: ag gluaiseacht go maordha. Ní fada anois ná go mbeidh gach aon nidh fé lántseól againn: gach aon rud ag gluaiseacht ina cheart. Lá mar seo thóg sé a sheólta agus ní feacthas ó shoin é: d'imthigh sé leis. Fuair an bhean bás ina leabaidh luighe sheóil: agus í ag cur cúram clainne. "Do chuala scéal do chéas ar ló me ar ló me/ is thug san oidhche i ndaoirse bróin me/ do léig mo chreat gan neart mná seólta/ gan bhrigh gan mheabhair gan greann gan fóghnamh": bean i gcúram leinbh. Ní dhéanfair é, níl an seól ceart fút: an tslighe cheart chun a dhéanta. Thángamair fé lán an tseóil: gaoth ár ndóthain. Cad é an mí-sheól a éirigh do nár tháinig sé?

seóladh: *f.* (*-lta*) gluaiseacht ar uachtar mara, locha nó abhann lé cabhair gaoithe ar sheól(taibh) (maidir lé loingeas do); gluaiseacht fé aon chómhacht (maidir lé daoinibh do); gluaiseacht ar luing nó bád nó long do chur fé smacht agus do stiúradh, tiomáint d'ionnramh, treórughadh, múineadh; treóir ar leitir, goimh nó brigh scéil. Cé hé an captaen atá ag seóladh an bháid seo?: go bhfuil sí fé n-a smacht is a bheireas ó phort go port. Bead ag seóladh anois díreach: ag imtheacht i luing nó i mbád bhreabhaid fhada nó ghearra. Ag seóladh roimis an ngaoith: ag gluaiseacht fairsing: ag imtheacht cruinn díreach lé cómhacht na gaoithe. Cad atá ghod sheóladh chugham i gcoim oidhche mar seo?: ghod chur chugham?: ag tabhairt ort teacht chugham nó im dháil. Ag seóladh na

mbó, na ngamhan fán bhfásach: ghá stiúradh, ghá dtiomáint: ghá dtreórughadh. Dia ghod sheóladh ar bhealach do leasa: ghod stiúradh. Tá mío-ádh éigin ghá sheóladh chun an donais nách féidir leis é féin do chosc: ghá chur sa treó san. Creid mise leis go bhfuil droichchuideachtaidhe ghod sheóladh chun fáin: ghod threórughadh ar bhealach do mhí-leasa. Cuir an seóladh ar an leitir: an treóir áite ina bhfuil a triall. Níl an gluaisteán chun seólta ina ceart fós: ullamh, réidh, socruighthe. Tá lámh mhaith sheólta os a chionn: chun a stiúrtha. Bhíos ghá sheóladh siar ort-sa lé hionchas go bhfaghadh sé an rud a bhí uaidh: ghá stiúradh: ghá chomhairleach do dhul chughat. Ag seóladh an daill treasna na sráide: ghá threóradh. An t-éan ag seóladh go maordha tríd an aer: ag gluaiseacht go líomhtha. Thugas seóladh an scéil do i rith na feadha bige a bhí agam lé súil go dtuigfeadh as: brigh: bunadhas. Dá mbeadh an seóladh ceart air ní theipfeadh air: an teagasc ceart fachta aige chun dul ar an gcóir. An bhfuil cóir seólta agaibh abhaile?: gaoth a bheadh fabhrach. Sin é díreach an droich-sheóladh atá air ag baile: an droich-stiúradh agus an droch-shompla. Níl an bád ag seóladh i gceart in ao'chor pé iomard atá uirthe: ag gluaiseacht mar budh cheart. Sé cúram na ngiollaidhe ban san na daoine do sheóladh chun a suidheachan: do threórughadh. Chaith sé furmhór a shaoghail ag seóladh na ndaoine chun Dé: ag tabhairt teagaisc dóibh is ghá gcur ar a leas. Dia nár sheólaidh aon droich-nidh ameasc na ndaoine ach is uathbhásach an aicíd í: nár chuiridh ina dtreó. Sin í an Nodlaig ag seóladh orainn: ag déanamh orainn. Bíonn sé dhá sheóladh ag an máighistir os chionn na coda eile den bhfoirinn: dhá threórughadh is dhá chur. Tugadh suas do é ar sheóladh scoile: stiúradh is bainisteóireacht.

seólaidhe: *f.4.* treóraidhe, stiúrthóir, eolaidhe. Aon chao níl ar dhul amugha sa chathair agat, tá seólaidhe maith it threó: duine atá i ndán tu do stiúradh is do threórughadh. Féach sa tseólaidhe leabhair sin féach an bhfuil ainm an duine atá uait ann: leabhar ainmeach is seólta daoine i mbaile, etc. An tusa seólaidhe na cómhluchta so, mar, más tú ní maith í treóir bhur gcuid gnótha: stiúrthóir.

seólaim: *b.a. 7 n-a.* gluaisim ar muir, loch nó abhainn, tríd an aer, gluaisim ar taisteal mara ó phort áirighthe go céile, stiúraim, ionnramhálaim árus snámha; cuirim thar muir; gluaisim go héascaidh, múinim, teagascaim. Do leithéid eile nár sheólaidh Dia chugham, mar bhainfeadh sibh mo mheabhair ar fad díom: nár chuiridh. Seól na ba san: cuir ar an ngort iad; ach seól abhaile iad: beir ón ngort etc. iad chun buaille nó cróidh. Do thairbhe nár fhaghad pé rud a sheól chugham thu: a thug ort nó a thiomáin thu an treó so. Pé áit go seólfadh Dia liom ní bheinn ag bruic lé n-a leithéidibh de dhaoinibh: pé ionad nó beatha a bheadh i ndán dom. Pé duine a seólfar chughainn nára seóltar an t-anchúinse úd chughainn: nár thagaidh aon ghaoth go dtiocfadh in ár dtreó. Seólfad an tseachtmhain seo chughainn: raghad thar lear i luing go tír éigin eile. Seólaimís an bád beag, tá an lá ciúin: téighimís innte ar breabhaid is anairt uirthi. Lá n-aon gur seóladh an treó mé: gur ghaibheas ann mar gheobhadh duine go neamh-aistearach. Seól chuige an t-airgead chómh luath in Éirinn agus fhéadfair é, tá dian-ghábhadh aige leis: cuir chuige é. Mara seólair an bád i gceart tríd an mbeilichín brisfir ar fhochais í: mara stiúrair is choimeádair fé smacht. Seól isteach ina shuidheachán féin gach éinne: treóruigh: tabhair eólas na suighe. Má seóltar im bhóthar-sa airís é gheóbhaidh sé cluaisín do thabhairt do: má thagann sé treasna orm ar aon tslighe ná cúram. Cad do sheól chugham anois thu?: an bhroid ná aonnidh mar sin atá ort? Go seólaidh Dia seans is fearr 'ná é id threó: go

mbuailidh, go gcuiridh. Seól orm aniar lá éigin: buail chugham. Cé sheól ar an dtigh tu? nó an bhfuairis féin eólas?: stiúruigh: thug eólas na slighe dhuit. Seólfaidh a thuilleadh tíortha isteach sa chogadh fós, is baoghalach: sáidhfid ann. Seól fén dtigh anois chómh tapaidh is tá ionat: druid chuige. Sheóladar tír gan aon choinne aca leis: bhuaileadar talamh. Cé sheólfaidh an scoil anois go bhfuil an sean-mháighistir imthighthe: cé stiúrfaidh? "Gan sult gan seód gan spórt gan spionnadh/ ó seóladh mé chun uaignis": ó imthigheas nó tiomáineadh chun iargcúlachta me. Seólfad-sa ar áit go bhfaghair íle dod ghluaisteán: díreóchad: inneósad duit cá bhfuil. Seóladh as an gceanntar é, ní foidhneófaí leis: tiomáineadh. Cá seólfar linn anois? deirtear nuair bítear in amhras. Cá seólfar leis an bhfiadh anois?: cá dtabharfaidh a aghaidh, deirtear so ag imirt chártaidhe nuair ná feadair duine cad é an cárta budh cheart do do chaitheamh: nuair bhíonn duine in aon tsaghas ponnc. Seól tímcheall an deoch, léd thoil: scaoil tímcheall ar lucht a hólta í. Mara seachnair an t-anchúinse sin seólfaidh sé chun an mhío-áidh thu: díreóchaidh sé chun aindeise agus mío-ádhmharaighe thu.

seólta: *a.r.* imthighthe, gluaiste fé sheól, stiúrtha, dírighthe, curtha ar aghaidh, chun cinn, teagasctha; gasta, niamhair, éascaidh, líomhtha. Caithfir fanacht anois tá an bád seólta ort: imthighthe ar a taisteal. Míle uair tá an mhuir sin seólta aca camá ná beadh cruinn-eólas aca uirthi?: gabhtha uirthi i luing nó i mbád. An bhfuil na hearraidhe seólta fós: curtha ar a dtriall. Seo leitir ná fuil seólta tríd an bpost agat: curtha chun cinn tríd. Is fada seólta ón dtigh ge n-a mhnaoi é: tiománta chun bóthair. Dream iad atá seólta go hiongtach ar armáil do dhéanamh: eólgaiseach. Is seólta an chuma atá fós air d'aindeóin a aoise: éadtrom, éascaidh. Cuma mhaith sheólta ar an nadhbhóig: líomhtha: go bhfuil sí go maith chun gluaiste agus farraige. Nách seólta atá a hata uirthi: néata, niamhrach. An bhfuil an fharraige intseólta indiu?: oireamhnach lé dul uirthe. Níor mhaith liom bheith sa bhád 'san lá suaidhte, níl crot intseólta uirthe: go ngeóbhadh sí trí strus mór farraige. Nách blasta, binn do labhrann sé, is seólta an cainnteóir é: líomhtha, inscneach. An bhfuil aigne sheólta indiu agat?: an bhfuilir ar aiste mhaith aigne. Capall seólta: capall luath, mear, éascaidh. An bhfuil an stoc seólta agat?: curtha amach ar an bhféarach. Tá an t-airgead seólta ó indé chughat: curtha chughat tríd an bpost nó lé teachtaire. Tá an bás seólta ort chómh dearbhtha is táir id sheasamh annso: tugtha fút. Táim seólta chun na haindeise ag an bhfear atá agam, ag ól 'sag achrann liom gach ré solais: tiománta.

seóltóir: *f.3.* maraidhe, duine a sheólas bád nó long nó a bhíos ar cheann aca; an bád nó an long féin; treóraidhe, eólaidhe, dírightheóir. Seóltóiridhe iongtacha na Lochlannaigh ar ar thaistealadar sa tseanracht i luingeas ná raibh ró-thoirteamhail: lucht farraige. Branndán seóltóir: naomh na n-iomramh. Is é an seóltóir nadhbhóige is fearr annso é: chun a stiúrtha is a hionnramháil gan chonntabhairt. Ní raibh ach aon bheathach amháin ar an dtráigh as a raibh de sheóltóiridhibh sa luing: daoine a bhí ar bórd. Seóltóir maith báid i bhfarraige reimhir seadh í: bád atá ábalta ar sheól d'iomchar agus gabháil trí fharraige ná beadh mín. Ná bíodh aon fhaitchíos ort ná go bhfuil seóltóir maith agat: duine a chuirfeas as do shúilibh duit cad is cóir do dhéanamh.

seóltóireacht: *b.3.* gníomh gluaiseachta nó stiúrtha báid nó luinge; an méid dulta chun cinn a ghnidheas long nó bád. Leóithne gleóidhte gaoithe teighimís ag seóltóireacht: i mbád is seol aice. Ní mór an tseóltóireacht a déintear anois: athraighe is báid do

ghluaiseacht lé anairt. Tá ré na seóltóireachta thart: go mbítí ag braith ar ghaoith is ar anairt.

seómra: *f.4.* iostas fé leith i dtigh; (*iol.*) cliath seómraidhe ar leithrigh ag duine nó muirear i dtigh mór; slighe fhairsing. Seómraidhe chun gnótha ar fad atá sa tógáil mhór san. Cómhnuigheann sé i seómraidhibh sa Choláiste: dó nó trí sheómraidhe aige mar a gcuireann fé. Os chionn fiche seómra thíos sa lios do taighdeadh: únacha talmhan. Níor mhaith leó a thuilleadh éisc do chur sa tseómra láir: an chuid láir den mbád. Tigh seómra síos is seómra suas é: dhá cheann na cisteann. Seómra leapan (codlata), lainne, caorach, ionnlaidh, suidhte, bídh, seód, etc. etc. "Iomdha rí-bhean mhíonla, mhódhmhar/ fá ghlas dúnta i gcúl dá seómra/ nár leig eagla carad di glórghol/ dot chaoineadh lé híodhbairt a ndeóra": go huaigneach 'na hionad príobháideach féin. "Agus teasbánuigh seision daoibh seómra mór uachtarach deaghmhaisioch; ullmhuighidh ann sin é" (Lúcás XXII. 12): iostas.

seómrach: *a.* go mórán seómra; fairsing. Tigh mór-sheómrach, ró-mhuirearach d'aon líon tighe: iomad iostas ann. Bád seómrach a dóthain seadh í gan bheith ró-mhuirear: slighe go leór chun ualaigh innte.

seópáil: *b.3.* do ghabháil gothaidhe, geáitsidheacht, do ghabháil feadhanna is "bóithre". "Cad í an tseópáil atá tímcheall na háite seo ort-sa?: geáitsidhe: coradghail ná foillsigheann aon deaghfhuadar do bheith fén nduine. An fonn bruighne atá ort go bhfuil an tseópáil sin léd ghéagaibh ort: geáitseáil: ionnramháil nách tuar suaimhnis. Bíonn an iomad seópála ag siubhal aige: suathadh ó thaobh taobh. Beidh seópáil tímcheall an lampa san ort go leagfair é: geáitseáil: gliúmáil: bheith ag gabháil tímcheall ar rud mar beifí chun fogha do thabhairt fé. Ná bíodh aon tseópáil léd ghéagaibh agat ag tarrac an éisc nó brisfear do dharadha: stracadghail, stalcghail: gluaiseacht sall ná anall. Buailfid a chéile mara gcosnuightear iad ar an seópáil bhruighne atá ortha: geámaidhe mar bheadh fé bheirt dhóirneálaidhthe i gcródh na troda. Ag seópáil ar an ngráinne atá na héanlaithe sin: ag gluaiseacht tímcheall sa spéir ag faire ar é do phriocadh. Cuir uaim an tseópáil oibre agus déin rud éigin: ag leigeant air. Ná bíodh aon tseópáil tímcheall an tsiopa ort, ceannuigh rud éigin: ag gabháil tímcheall 'sag amharc. Ní maith an treabhaidhe capaill é bíonn an iomad seópála air: d'fhágaint na scríbe ag stad go hobann 'sag preabadh.

seópálaidhe: *f.4.* duine, ainmhidhe nó eile tugtha do gheáitseáil, ghliúmáil, etc. Is mór an seópálaidhe duine é agus bheith mar sin ag imtheacht ó dhuine go duine i gcuideachtain, is ag cur isteach ortha: go mbíonn geáitsidhe is gothaidhe aige. Ní rámhaidhe maith ná rothaidhe ach an oiread, seópálaidhe atá ann: duine ná fanann go réidh, luighte lé n-a iarrachtaidhibh. Seópálaidhe coisidhe seadh thu: ná fuil slachtmhar; guairneánach. Seachain tú féin ar an seópálaidhe sin, b'é go mbuailfeadh sé thu: duine a bhíos ag "fighe" lé n-a ghéagaibh. Seópálaidhe chun aon ghnótha thu, is mó do ghothaidhe 'ná do ghníomh: geáitseálaidhe. Seópálaidhe capaill: ná fanann ina scríb nó ar a rian.

seóraidhe: *f. iol.* mion-thuairiscidhe, -rudaidhe; cur leis gan ghábhadh, "bóithre", aguisínidhe nár ghábhadh, cóiriughadh catha. Cad iad na seóraidhe atá ort? inns go grod cad do thárlaidh: socrughadh ar an scéal ná baineann leis. Leath a shaoghail ní thuigim

cad bhíonn dhá rádh aige, bíonn an oiread seóraidhe leis gach aon eachtra aige: cur leis ná baineann in ao'chor leis na himtheachtaibh. Is deacair aon rud do chreideamhaint go cruinn uaidh bíonn an oiread san seóraidhe aige: áidhbhéis: iarrachtaidhe slachta do chur air. Dá bhfiafrófá dhi cad dob ainm dá máthair níor mór léi a haos, a crot, a meón, a thréithe agus rud d'aithris duit sara bhfreagróchadh sí thu, tá an oiread san dúlach i seóraidhe aice: deisireacht: snasaireacht. Tá a thuilleadh ag dul leis mar scéal, tá na seóraidhe imthighthe sa bhfraoch orm: na miontuairiscidhe. Budh mhaith an ceann a bhí ar an seanduine ná raibh riamh ar an dtaobh istigh de thigh scoile agus na seóraidhe fada geinealaighe mar atá ins na seanscéaltaibh do bheith go beacht aige: ritheanna.

seórdán: *f.1.* glór gaoithe mar bheadh i simné ar coirce scéal-shrannga, ceódhachán scórnaighe, iosmairt. Ambliadhna ní imtheóchaidh an seórdán so dhíom, tá m'ucht tinn aige: glór srannach gem anáil. Cad a chuir an seórdán slaghdáin ort?: glór tochtáin. Tháinig sí (an ghaoth) orm ar dtúis de dhruim na binne ina seórdán gur bh'fhuraiste aithint nách raibh aon deaghfhuadar fúithi: caol glórach: fuaim aice dhá bhaint amach. Báisteach airís, báisteach go deó, sin seórdán sa tsimné: feadghail ghaoithe. Ní deallramhtach go bhfuil do phíp lán ar an seórdán atá aice, budh dhóigh leat gur crónán cait atá aice: glór ag an siolla ar gach seach. Níorbh aon lá lé míne é, seórdán báistighe andeas ann: báisteach go raibh gaoth ghlórach léi. Bhain an piléar seórdán dem chluais ag gabháil tharm: feadghail tríd an aer. D'aithneófá thar a chéile eitealláin Shasana is na Gearmáine ar an seórdán a bhíonn aca: glórtha miona, fuinneamhla ag teacht diaidh ar ndiaidh. Seórdán ón bhfarraige anocht ann: gaoth a bhíos ar aitreamhaibh níos glóraighe agus níos fuinneamhla. Tá seórdán ag an gciteal so, déin an té: glór go bhfuil sé ag fliuchaidh.

seórdánach: *a.* crónánach, ceódhchánach, siosmach, siansánach. Cómhartha ceart ar athrughadh na haimsire an oidhche bheith seórdánach: feadghail do bheith aice. Ó bheith ag cainnt bhíos chómh seórdánach san gur ar éigean a cloiseadh éinne: ceódhchánach: mo ghuth múchta. Níor bh'aon oidhche iascaigh í, bhí sí ró-sheórdánach: gaothmhar láidir ina tadhallaibh: treighdeach. Ní fhéadfadh sé aon óráid do thabhairt uaidh, tá sé ró-sheórdánach: ciach trom air: tarrac suas ina ghuth. Doras seórdánach é sin caithfear cur ina dhiaidh: siolla thríd.

seórghail: *b.3.* comhchainnt, síor-chainnt, síor-ghlórghail. Budh bheag an nath ges na seandaoinibh an oidhche do chaitheamh ag seórghail: ag eachtraidhe dá chéile. Fear mór seórghala é, thug sé i bhfad thar lear: chun eachtraidhthe d'innsint. Chaith an oidhche go léir go maidean ag seórghail: ag síor-shéideadh go glórach.

seothaidh: *intriacht. iol. ar* 'seo' Seothaidh libh: bíd ag imtheacht ar an dtoirt. Seothaidh dhíbh an biadh ó tá an scannradh ar fad oraibh chuige: sin é agaibh é.

seóthó: *intriacht* bí ciúin, duain suain. Seóthó, seóithín, mo leanbh bán: codail codail, etc. "Seóthó a thoil, ná goil go fóill/ seóthó a thoil, ná goil aon deóir/ seóthó, a leinbh, a chumainn 's a stóir/ atá ag silleadh na súl is do chom gan lón": bí ciúin is codail. An mháthair ag luascadh 'sag crónán ag déanamh seóthó dho: ag duanaireacht chun an leinbh do chur chun suain.

sia: *breis- 7 sár-chéim* ‘fada’ tamall, seal, achar, faid, aoirde, etc. is mó. Cuimhneóchair ar chómhairle do mháthar lá is sia anonn ’ná an lá indiu: lá i bhfad gan teacht fós. An chuimhne is sia siar im cheann bás an Pheáirnéalaigh: is mó aimsire. An garsún is sia suas sa rang: is aoirde: is mó chun cinn. Beir ar an té is sia síos in ifreann!: thíos ar fad. Duine budh shia amach uaim ’ná tusa bheinn báidheamhail leis: budh lugha gaol dom. An Tiaracht an t-oileán is sia amach díobh: is mó achar ón míntír. Dubharthas leis an té budh shia géaga iarracht do thabhairt ar bhreith air: go raibh na géaga budh mhó fhaid aige. Is sia cuimhne mise ná thu, mara bhfeacaís an tigh sar ar leagadh é: is cuimhin liom rudaidhe a thárlaidh roim t’aimsir. Is sia bheidh a chuimhne seo agat ’ná aon rud a thárlaidh riamh duit: fanfaidh sé breis aimsire id cheann. Céaca is sia as so Corcaigh nó Áth Cliath: is mó achar. Is sia siar an feall i S. ’ná ann: is mó atá sé ina chodladh ann. Na fiacla is sia amach agus is sia siar: i bhfíor-thosach agus i bhfíor-dheireadh a bhéil. Ní sia gob an ghé ’ná gob an ghanndail: gan aon leithreachas do dhéanamh: ní córa do dhuine ’ná do dhuine eile. Bheadh truagh agat dom, budh me budh shia siar ar scoil: budh mhó ar gcúl. Dá shia a raghfá is ag dul in olcas atá an áit: mar bheifeá ag druideam ann. Budh shia liom aon lá amháin san áit chéadna, pé greaindí a gheibheann daoine eile dho, ’ná bliadhain in aon bhall eile: thaidhbhseóchadh an aimsir an-fhada dhom ann. Budh shia ó bhaile gabháil lastuaidh ’ná laisteas: bheadh breis mhór achair lé taisteal. Níor éirigh lé héinne aca ach b’é T. an té is sia a chuaidh air: is mó a dhein gníomh. Chuadar níos sia ar an scéal ’ná mar budh cheart dóibh: dheineadar an iomad cainnte dhe, nó an iomad ná raibh ceart aca. Budh chóir gur mise do fhreastalófaí ar dtúis, is me is sia annso: an té go bhfuil breis na haimsire caithte aige. Ná tair treasna orm, is sia ar an saoghal mise ’ná thu: is aosta me, agus dá chionn san tá tosach cainnte agam dréir modhamhlachta. Daoine níos sia ó bhaile ná cómharsa béil dorais ní bheifeá chómh dian san ortha: budh neamhchómhgaraighe. Ag dul níos sia isteach im chuid airgid gach aon lá: ag caitheamh breise in aghaidh an lae. Níor bh’fhearr dho rud do dhéanfadh sé ’ná stad, is sia chun deiridh anois é ’ná riamh: ní raibh sé níos mó chun deiridh. Dá fhaid leat-sa uait an lá is sia ’ná san liom-sa é: is mó do ghoilleann a theacht orm-sa. An dóigh leat go raghfá níos sia air é do dhéanamh ’ná me: go raghfá níos giorra do n-a dhéanamh. Is sia uaim go mór thu ’ná é, sid é mac mo shean-úncail: is lugha mo ghaol leat ná leis. Is sia agam mo hata ’ná mo bhróga: is é a fuaireas ar dtúis. Níos sia isteach san mbliadhain ’ná Bealtaine dob eadh é: ní budh dhéidheannaighe. Is é capall is sia cliathán é dá bhfeaca im shaoghal riamh: ní fheaca capall go raibh cliathán chómh fada aige.

siabhra: (**síofra**) *f.4.* fuath, gósta, sidhe, rud suarach, truaillighthe. D’fhan sé ina shiabhra riamh: níor fhás sé: beag, meathluighthe, truaillighthe mar bheadh iarlais. Buaileann sé chugham ar nós an tsiabhra, mar bhuailfeadh sidhe: gan cuma an duine air: cuma shuarach. Oiread an tsiabhra níl ann: an-bheag. Chonnac siabhra seanduine a scannruigh an t-anam ionam: seanduine beag, suarach, meathluighthe go raibh de dheallramh air gur bhain lé saoghal eile. Siabhra leinbh: leanbh a fhágfadh na daoine maithe ina ndiaidh in ionad leinbh fuaduighthe: iarlais. Éist do bhéal, a shiabhra: leanbh nó duine beag go mbeadh mórán cabaireachta glioca aige. Níl oiread mongáin anois ann, budh dhóigh leat gur siabhra ó lus éigin é: duine a fágfaí ós na daoinibh maithe. Níl aon amhras ná go bhfuil sé sa siabhraidhe: ag baint leis an sluagh sidhe, deirtear so lé duine a thaidhbhseochadh in áit duit nuair budh dhóigh leat is gur cheart do dréir gach deallraimh

bheith i mball éigin eile, nó a dhéanfadh rud ná cuirfeá fé thuairm a nirt. Chreideadh na seandaoine go mbíodh siabhra capaill ann a thugadh marcaidheacht do dhaoinibh a théigheadh amudha ist oidhche, ná raibh aon tseódh ach an fhaid a bheireadh iad gan a ndíoghbháil. Tá sí ina siabhra anois: leis an aois, a bláth go léir imthighthe is cuma chaithte, chroithte tagtha uirthe: fuath.

siabhraidheacht: *b.3.* ar nós an fhuatha, dolbhacht, mearbhall, mealladh, draoidheacht. Aon uair a chuirim tharm mo spéaclaidhe téighid ar iarraidh, tá siabhraidheacht éigin ag baint leó: draoidheacht. Tá sé chómh hiargcúlta san go bhfuil siabhraidheacht ag baint leis nár mhaith liom fanacht ann ist oidhche im aonar: go mbraitheann is go ndeallramhuigheann mar bheadh in áit lán de thaidhbhsidhibh. Tá siabhraidheacht aice má tá ag éinne beó, dubhairt sí dhá lá sarar cailleadh a mac gur aithnigh sí ar nidhthibh a hinnseadh i dtaidhbhreamh di gur mar sin do bheadh: fáistineacht trí bhaint leis na mairbh.

siabhrán: *f.1.* mearbhall, tuar, cómhartha, buile, guilm, taom. Tháinig siabhrán codlata orm cois na teineadh is níor mhothuigheas an doras dhá bhualadh: smúdráil: meadhbhán. Chuir an biadh ná raibh taithighe againn air siabhrán tinnis orainn gurbh éigean dúinn dul 'on leabaidh: taom beag, mar bheadh tosnughadh. B'fhéidir ná fuil ann ach siabhrán ach níl aon bhaoghal ná go bhfuil neamhmeabhair ag teacht air: tuar. Siabhrán pósta tagtha anois, sé am do é, an crúnca, ná féadfaidh éinne a chosc: guilm: fonn. Ní raibh sé olc má bhí siabhrán meisce féin air: bog-mheisce. Tugadh fé ndeara go raibh siabhrán intinne ag teacht air agus bítí ghá aire ar eagla go n-ídeóchadh sé é féin: seachrán: mearbhall. Claoidheadh sé leis an leabaidh go ceann seachtmhaine go n-imthighidh an siabhrán fiabhrais sin tharais: salachráil bheag. Ní fhéadfá muinghin do bheith agat as a chuimhne, is fada ar siabhrán é: mearbhall aigne.

siabhruighim: *b.a. 7 n-a.* léirighim, claochluighim. Shiabhruigh sí roim bhás di go raibh gach aon phioc di caithte ar nós an duilleabhair: léirigh sí: chlaochluigh sí, shearg, chaith is chaill a dath. Siabhruigheann an duine ag an aos: athruigheann chómh mór san ná fanann ann ach a shamhail. Go siabhruighir!: go ndéinidh rud meathluighthe dhíot.

siabhruighthe: *a.r.* athchúmtha, léirighthe, claochluighthe. Nách de a dhein an rud siabhruighthe níl a thamhas ann: rud caithte, lom, cnaoidhte. Ní fhéadfadh sé gan bheith siabhruighthe ar a bhfuil de ghalar curtha aige dhe riamh: cuma chríon, léirighthe an fhuatha, neamhdhuineamhail tagtha air.

siamsa: *f.4.* spórt, greann, caitheamh aimsire, cruinniughadh chun cuideachtan. Beidh siamsa agus ceól is itheadh ar bórd againn: déanamh grinn is aoibhnis. Bíonn rinnce, peictiúiridhe nó siamsa éigin eile ar siubhal gach oidhche Dhomhnaigh ann: caitheamh aimsire.

siamsach: *a.* sultmhar, subháilceach. Beidh oidhche shiamsach againn má dhéineann cuideachta shuairc é, ceól is rinnce, ól is itheadh: meidhréiseach.

siamsán: *f.1.* meidhréis, greann; glórghail, feadghail. Déanfam siamsán dúinn féin anocht, ní fearra dhúinn a bheith dubhach, seinntear an ceól is caithtear an deoch: deinimís meidhréis. Ó oidhche go maidean níor stad an siamsán ann: chuala an ceól is an gleódh is an gáiridhe: greann, girréis is súgacht. Ar eagla mo bheatha ní thógfainn mo cheann os chionn scairte bhí siamsán ag piléir ag imtheacht dem dhruim: feadghail. An stadfair choidhche den siamsán?: gearán fad-ghlórach.

siamsánach: *a.* glórach, crónánach, gearánach, greadhnach, girréiseach. Chuireadar seal maith siamsánach isteach ó oidhche go maidean, ní raibh easbhaidh ceoil, rinnce, bídh ná dighe ortha: oidhche ghreadhnach: ghirréiseach. Beidh cruinniughadh siamsánach againn nuair bheam go léir bailighthe lé hintinn ag ól: meidhréiseach. Duine siamsánach seadh thu gan amhras ar domhan: bhodharfá éinne: gearánach.

sianaidhe: *f.4.* crónánaidhe, pusaire, breallaire. Choidhche ní stadann an sianaidhe sin ach buinneach nó buinn-leac éigin air: breallaire: duine a bhíos ag síor-ghearán. Ní ródheacair an sianaidhe do chur chun seaghamtha (seinnte): an béiceachán. Ná bí id shianaidhe mar sin ar gach aon rud a thagas treasna ort: glór an ghuil is an chnáimhseáin agat. Ní sianaidhe in ao'chor é, bhruicfeadh sé lé cuid mhór sara ngearánfadh sé: breallaire béicighe.

sianaidheacht: *b.3.* ullfartach, béiceach, scréachach. Pé rud a bhíonn air nó ná bíonn, ní bhíonn aon easbhaidh sianaidheachta air: casaoid. Tá an tsianaidheacht ceangailte isteach ina choirdhe gan fágaint amach, scannradh air ná beidh leath a dhóthana aige, nó go bhfaghaidh bás leis an ocras: cníopaireacht. Ní fheadar-sa ná éinne eile cad tá uirthi ní haon lag uirthi ach ag sianaidheacht: ag gearán, ag fagháil lochta air seo is air siúd.

sianán: *f.1.* glaodhach, éigheamh, fuaim. Nách diamhair é sianán na mara fiú amháin an lá is ciúine í: dórd: an gnáth-ghlór, diamhair, cómhnaidhtheach. Cuireann sianán na gaoithe uaigneas orm: an fhuaim bhrónach a bhíos aice. Sianán an éin farraige chuirfeadh sé diamhaireacht ist oidhche ort: éigheamh: scréachach.

sianghail: *b.3.* glór brónach, béicghil, feadghail, glórghail, uallfartach. Thagadh faitchíos orm ist oidhche im aonar sa bhothán ag síor-shianghail na gaoithe: glórghail uaigneach. Nuair shéideadh an gála chuirfeadh sianghail riogála na luinge diamhaireacht ort: an fheadghail bhrónach agus an giascán. Na madraidhe alla ag sianghail sa choill leis an amhgar is leis an ocras: ag uallfartaigh.

sian-ghair: *b.2.* éigheamh, uallfairt, glaodhach fada. Ag éisteacht lé sian-ghair na mara is í ag stialladh ar na faillteachaibh: béiceach árd, fhada. Sian-ghair na bhfaoileann ag lorg a gcoda bhainfeadh sí do chiall díot: éigheamh garg cómhnaidhtheach. Scannróchadh sian-ghair an chatha thu de ló agus d'oidhche ar feadh ráithe: glór is fothrom cómhnaidhtheach. Taithnigheann sian-ghair na spideóg liom ar sceich: an treithear cómhnaidhtheach ag freagairt a chéile.

sian-ghaoth: *b.2.* gaoth láidir chómhnaidhtheach. Áit an-árd sian-ghaoithe seadh é: í do shíor ag séideadh ina siolla ann. Níor leig laetheanta na bó riabhaiche tháirste riamh é gan sian-ghaoth: séidteán nimhneach.

sians: *f.3.* nath, iongadh; líonruith, faoidh, gáir. Aon tsians níor dhein sé d'fhear bháidhte d'fhagháil, dubhairt sé nár bh'é an chéad uair aige é: aon nath: iongadh: níor chorruigh sé pioc é. An chéad duine go bhfeacthas an filleadh beag annso air deineadh ard-shians de: tógadh ceann de agus shuaidh sé an ceanntar. Tá an scéal fada a dhóthain anois, ná deinidh a thuilleadh siansa dhe: a thuilleadh cainnte ná mairge. Táid ag coimeád siansa ar an gcainnt: ghá cothughadh mar bheadh áiteamh nó argóint. Deineadh an-shiansa den dá luing mhóra san do dhul ar tóin puill ina ghiorracht aimsire: mórán cainnte agus iongadh. Is aoibhinn lém chroidhe sians na n-éan maidean shamhraidh: cantain go mbíonn cothughadh dhá choimeád uirthi. Fuighleach agus ár ndóthain guil déanta againn, ná téighimís chun siansa air: chun faid slighe. Sians an ghleóidh ag gabháil aniar: glór ná raibh aon lag ag dul air. Tógann sians na seilge mo chroidhe: callán: gleódh marcach is conairte. D'aithnigheas ar sians an chatha go raibh sé ag druideam linn: an tslighe a bhí cothughadh dhá choimeád ar an bhfothrom is ar an ngleódh. Aon uair a bhuaileann sé liom bíonn sé ag déanamh árd-shians díot: mór-thábhacht. Is fada déanfar sians den lá úd, mar b'é an lá áir é: a coimeádfar cuimhne air agus beifear ghá shuathadh. Deineadh sians den mnaoi úd nuair bhí sí óg lé n-a breághthacht: deineadh mórán tráchta uirthi.

siansach: *a.* ceólmhar, glórach, binn. Is siansach mar sheimeann sí, chuirfeadh sé aoibhneas ort bheith ag éisteacht léi: go binn, ceólmhar. Canaid go siansach i bhfochair a chéile: go h-an-cheólmhar: lé binneas. Is baoghalach go bhfuilir ag dul ró-shiansach ar an scéal, ná fuil go leór ráidhte cheana agat: ag déanamh an iomad tagartha dho. Ná bac rud nuair bhíonn sé ró-shiansach: ró-fhada ag déanamh gleoidh dhe. Aon locht mór amháin atá air, bíonn sé siansach: faid-shligheach ar rud agus tugtha do scéaltaibh a bhíos marbh d'aithbheódhachtaint.

siansach: *f.1.* ceól, glór, fuaim. Lé gach buille dár thug sé don mbloc ar an úrlár bhain sé siansach as lé neart an fhir: béiceach. Na cómhachta cómhraic atá ag baint an tsiansaigh as a chéile na laetheanta so ar muir, ar tír agus ins an aer: ag stialladh a chéile ó thalamh. Bainfead siansach as do chnámhaibh má chuirir a thuilleadh uilc orm: fuaim: buailfead chómh mór trom san thu go gcloisfear giascán aca. Is é is fearr chun seinnte (seaghamtha), is é a bhaineas siansach as an bhfeadóig: fuaim is ceól. Siansach ag an gcapall ag sodar ar an mbóthar: fuaim ges na cruitibh mar bheadh ceól.

siansamhail: *a.* soilbhir, bréagach, aoibhinn, sultmhar. Aon scéal siansamhail indiu? níor ghnáth thu gan rud éigin seóidh le n-innsint agat: sultmhar: a bhréagfadh duine. Cuideachta shiansamhail níor chuireas suas riamh di, is aoibhinn liom ádhbhacht: shoilbhir, shultmhar.

siansán: *f.1.* glór crónánach, feadghail, leóithne. Beidh cóir abhaile againn, tá siansán ón bhfarraige ag éirghe: leoithne go bhfuil fuaim aige. An siansán sa tsimné i rith na hoidhche do choimeád im dhúiseacht me: seórdán: feadghail ghaoithe. Cad é an siansán atá id cheann indiu?: glór a bheadh ag déanamh mearbhaill: rud éigin mór ag déanamh

maoithe dhuit. An siansán céadna gach aon lá i dtaobh a chruadhacht agus a olcas atá an saoghal ag breith ort: an crónán gearánach. An bhfuil a fhios agat ná go gcuireann siansán na mbeach ag machtnamh ar an saoghal me: an bús mín, diamhair a ghníd. Ní raibh inneall an ghluaisteáin ina stad in ao'chor mar bhí clos agam ar an siansán: an glór mín cómhnaidhtheach a thagas uaidh.

siapach: *f.1.* duine mí-bhéasach, mío-mhúinte. Is beag ag an siapach a cheann do sháthadh i gcuideachtain iasachta nó in aon áit ná bíonn fáilte roimhe: duine dána trí mí-bhéasamhlacht. Siapach Sasanaigh: bleácach a chuirfeadh a cheann i gcúram gach neach.

siar: *d-bh.* i dtreó na háirde thiar, i ndiaidh cúil; chun deiridh; san treó is sia ón gcainnteóir; tríd an scórnaigh; i bhfad ó, thar n-ais etc. Ag gluaiseacht siar: sa treó ina dtéigheann an ghrian fé. Raghad siar ambáireach: in áit éigin atá san treó thiar. Téighimís siar fiche bliadhain: iompuighimís tharainn. Ní haon mhaith bheith ag dul siar ar rudaidhibh: ag tagairt do rudaidhibh atá tuitithe amach lé fada. Táir an-fhada siar ar scoil: chun deiridh: ar na rangaibh is ísle nó ar na scoláiridhibh is maille. Siar sa leabhar go maith atá an tagairt do, más cuimhin liom i gceart: fé dhéin a chríche. Téighir siar tamall eile orm: déin tagairt do, nó scrúduigh mo chúrsaidhe. Tá an t-oileán úr i bhfad siar: seal fada sa treó san. I bhfad siar atá pé maith atá ann, má tá: is deacair a tabhairt fé ndeara: ní feictear aon mhaith aige dhá dhéanamh. Siar sa tsean-shaoghal dob eadh é seo: fadó riamh. Níor fágadh easbhaidh ar neach, bhí biadh agus deoch siar síos ann: go flúirseach. Ní tháinig sé go raibh sé siar san oidhche: an-dhéidheannach. Níl aon leithreachas ortha, mar a chéile iad siar go hearball tímcheall: gach aon donn duine aca. Marbhuigheadh gach aon donn duine aca siar go hearball tímcheall: iad uile go léir. Nuair chuaidh sé go Mearaice níor stad sé ná níor fhuar sé go ndeaghaidh siar amach: i bhfad ó bhaile sa treó san. As san siar is fearr iad: mar raghfá ar aghaidh sa treó san. Ní fhéadfá do chuid cainnte (éithigh) do chur siar orm-sa, tá an iomad den aithne agam ort: do chur iachall orm í do chreideamhaint. Táim d'iarraidh cuimhneamh air, tá sé ró-fhada siar im cheann, is baoghalach ná tiocfaidh sé liom: neamh-shoiléir. Féach go raibh an neart ann i bhfad siar nuair a theastuigh uaidh: i nganfhios d'éinne. Dá bhfeiceadh duine droch-chárta i dtúis a láimhe agus ceann ar cheann mar é, déarfadh sé lé searbhas, ag dul i bhfeabhas siar sibh: gach ceann aca ag breith bráighe ar a chéile. Sínte siar is fearr leis bheith is ní ag déanamh aonnidh dho féin: ina luighe go díomhaoin. Ní rabhas ach sínte siar sa leabaidh nuair thuit mo chodladh orm lé tuirse: luighte uirthi. Níor tástaladh an chúis in ao'chor indiu, cuireadh siar í (go dtí lá eile): ar ath-lá. Chuir an cladhaire cléirigh siar sa mhion-airgead me: chiorrbhaidh. Cuireadh siar me i dtaobh mí-ghníomh: baineadh céim díom. Déinimís anois é ní maith an cur siar: athrughadh ar athló. Cuireadh an práta siar ag an mbuin: síos ina goile trí n-a scórnaigh mar a raibh sé ghá thachtadh. Níor ghaibh faic siar tríd lé dhá lá: ní bhfuair sé aon rud as a ghoile. Cuir an t-aprún san siar ort: tímcheall do choim. An bhféadfair cur siar as so? táir gearra: breis do chur leis. Cuir siar an fheóil sin ionat féin: ith í. Leig siar do cheann: sín i leith do chúil é. Leig siar as an dtéid, tá sí gearra, cuir smut léi. Ná leig siar leis nó marbhóchaidh sé thu, is cosamhail le nimh é: ná leig id bholg é. Scaoil siar a bhfaghair, is dócha gurb é an chaol-chuid a gheóbhair: ól agus ith. Dá óige é ólann sé toitínidhe agus leigeann siar iad: sughann an gal ina scartachaibh. Scaoil siar fén dtigh anois, tá sanas agat air: gread leat sa treó san. Pé duine a fhágfair siar ná fág tu féin: go bhfágfair easbhaidh air. Cuimhnigh orm, ná fág

siar me: ar leithrigh ó roinnt etc. Bain siar as an bplúr, tá sé gannchúiseach: coigil é: bí cnuaisciúnach ina thaobh. Nuair scrúduigheadh cunntaisidhe chléirigh an bhainnc bhí an t-airgead siar aige: bhí sé gearra ann. Bíd ghá mhaoidheamh ná fuilid faic siar in armáil: chun deiridh: go bhfuilid ag obair ar an móir-mhéid. Áit ró-fhada siar lé maireachtaint ann seadh é: ró-iargcúlta. Sáidh do lámh siar go tóin an phuill: san gcuid is sia uait de. Ró-fhada siar sa tráthnóna anois chun tosnuighthe ar scar nuadh: ró-dhéidheannach. "Nár ghabhaidh siar aniar", sláinte í seo .i. an deoch atá lé hól nár húirlictear í. "Cathain thiocfair ar ár dtuairisc?" – "beannuighim uaim siar sibh", mar dubhairt Pádraig: aon bhaint ní bheidh agam libh: tá deireadh agam. Chaitheas siar orm féin go sásta an méid a fuaireas: d'ólas go sochma. Caithidh siar é sin, is bíodh braon eile agaibh: ólaidh. Chuireas stráice siar ar m'éadan leis an dtinneas cinn a bhí orm: d'fháisceas tímcheall m'éadain é. Má dhéinir oiread agus féachaint siar orm, brisfead a bhfuil d'fhiaclaibh id cheann: silleadh súl de dhruim gualann. Dá mbeifeá ag fagháil bháis leis an ocras ní fhéachfadh sí siar ort: cabhair dá luighead ní thabharfadh duit. "Cheithre muca fireanna bána ag féachaint siar ar thalamh Uí Dhálaigh" – roilig. Ná bíodh aon tsiar ná aniar agat leis ach déin é: grogaidheacht: moilliughadh gan ghanntar. Má bhír siar agus aniar leis an gcathaoir sin brisfir í: ag ionfairt ar gcúl is chun cinn gach ré seal léi. Laistiar síos nó siar a ghaibheann a chuid cainnte dhíom mar ghaibheann uisce de lachain: aon mhairg ní chuireann sé orm. Cúl siar an bád: ramhaidh i leith a deiridh í. Déineann sé chómh bog sonaoideach, ní haon nath aige a rádh nó a dhéanamh ach an oiread lé "gabhaim siar!": gluaisim mar is mian liom. Níl san méid sin atá ráidhte agat ach "gabhaim siar!": fastaoim. "Siar má fhéadaim", ar seisean, "deirtear nuair bhíonn duadh ar dhuine, brón nó mairg. Tá leanta ró-fhada siar agat orm: oiread ráidhte agat liom is nár ghábhadh nó nár chuibhe. Ná lean siar ar an gcapall, b'fhéidir go bhfuil rud maith déanta aige: ná tabhair iarracht ar a thuilleadh oibre do bhaint as. Ní maith leo an coimeád siar atá ortha: an cosc ar dhul ar aghaidh. Coimeád siar ar leanbh seadh é do chongbháil ó scoil: cosc. Braithim chómh maith agus bhraitheas riamh, níl aon dul siar fós orm: aon tréigean. Ní hag dul siar ar t'fhocal ataoi?: ag dul ina chois: gan é do chóimhlíonadh. Á, ná bí ag dul siar orm, níl agam ach tú: ag tréigean orm. Fanfaidh sé siar uaim ar mhaithe leis féin: seachnóchaidh sé me. Ná lean siar orm é: maith dhom é. Druid siar ón dteine nó loiscfir thu féin: fan uaithi. Druideadh an fear bocht siar i gcómhnaidhe: níl aon ghnóth ameasc daoine saidhbhre aige. Ní fhéadfá an chainnt sin do chur siar orm-sa: ní fhéadfá san d'áiteamh orm. Ól siar é agus mún síos: staill síos id ghoile é go sásta etc. "Níor ghabhaidh siar aniar", deirtear mar shláinte lé linn óil.

siar-ó-dheas: *d.bh.* an áird idir thiar agus theas. Siar-ó-dheas chun na Spáinne.

siar-ó-thuaidh: *d.bh.* an áird, treó idir thiar agus thuaidh. Siar-ó-thuaidh sinn: in imigcéin sa treó san. Chuaidh an ghaoth siar-ó-thuaidh: sa treó san.

sibhialta: (**síbhialta, sithbhialta, síthbhialta**) *a. n-dh.* mánla, miochair, mín, modhamhail, cúirtéiseach. Pé sians atá agat ar áth d'fhagháil air níl pioc ar bith mara labhrair sibhialta leis is gan bheith ghá shnapadh: mín, deas-bhéalach. Ar an té is sibhialta a tháinig treasna riamh ort, thabharfadh sé cainnt chneasta dhuit gach aon lá d'éireóchadh sé dá leabaidh: deagh-labhartha, tláith. "Cuir amach mo chuid chugham", arsa mise, agus is é dhein go sibhialta: gan aon rud do rádh ina choinnibh. Daoine sibhialta muinntir an

tighe sin go léir, gheóbhfá an chainnt uatha agus dhéanfaidís maith ort dá mb'fhéidir in ao'chor é: cneas, cineálta i ngníomh is i gcómhrádh. Shléacht sé a hata dhi go sibhialta: go modhamhail, béasamhail. Maidir leis an gcuma neamh-shibhialta atá air níor mhaith liom puinn bráige do chur air: neamh-lághach. Nách neamh-shibhialta an fear é ná stiúróchadh duine ar a thriall: neamhmín: neamhmaitheach. Aicme shibhialta iad deirtear: béasamhail, lághach, mánla i gcómhrádh 'si gcainnt.

sibhialtacht: (**síbhialtacht, sithbhialtacht, síthbhialtacht**) *b.3.* mánlacht iomchair, míne chainnte, béasamhlacht, míochair, lághaiche, míonlacht. Focal cneasta ní fhéadfadh a labhairt lé héinne, ní mór den tsibhialtacht ag baint léi: míne agus cneastacht. Cuirfear breis sibhialtachta ionat-sa lé slait mara mbír béasamhail: breis chaoin: múinfear duit connus mar budh cheart duit labhairt. Is ins an tigh úd a gheóbhaidh sé sibhialtacht faid bheidh sé ag caitheamh a chuid airgid ann: grádhmhaireacht: beidh an focal cneasta is an gníomh cineálta dho. In aghaidh an lae i ngleódh is i gcaibideal lé chéile gan rian sibhialtachta ag baint leó: cneastacht ina gconbharsáid lé chéile. An-aosta ar fad anois do, tá sé in earball a shibhialtachta: níl mórán maitheasa ná brigh ann anois chun seasaimh do thabhairt uaidh. Mórán mór a chreideas go bhfuil Seán Buidhe in earball a shibhialtachta anois: go bhfuil a ré nách mór istigh. Tabhair sibhialtacht dom agus tabharfad sibhialtacht duit: bí béasamhail, mánla etc. Is mór an tsibhialtacht uait fanacht liom an fhaid sin chun marcaidheachta do thabhairt dom: gníomh cneasta, cúramach. Thabharfadh croidhe éinne gean di lé n-a sibhialtacht: mánlacht: modhamhaileacht: a cneastacht i ngíomh is i bhfriotal.

síbín: *f.4.* díolaidheacht dighe mearbhaill fé thóin, gearr-mharcaidheacht. Ar mbeith dos na tighthibh tábhairne dúnta ní habhaile raghaidís, na póitiridhe, ach ar thóir síbín éigin i gcúl-shráid mar a bhfanaidís ag taoscadh go maidean. Lé leanbh, "tair ar mo dhrom go mbeiread síbín duit": raghad ar mo dheárnachaibh is iomcharóchad thu.

sic-: *i gcfbh.* tiormuighthe, seargtha. Tóg na huibhe seo, táid sic-bheirbhthe: cruaidh ó bhreis eaga lé teas. Uibhe sic-bheirbhthe ar leitís fé shlisneógaibh aráin. Níl aon rud a bheadh ar an dteine sin ó shoin ná go mbeadh sic-bheirbhthe na clocha féin: beirbhthe amach 'samach. Beidh an coirce ina shic-gheamhar ag an ngála: dath feóidhte tagtha air is é seargtha. Fágadh ró-fhada ar an sraith é go ndeárna sic-fhéar di: féar seargtha, feóidhte. Rug an sioc trom ortha, níor fhág sé pioc díobh gan sic-reódhadh: do sheargadh is do chruadhadh gan sughlach.

sicín: *f.4.* óg aon éin, go mór-mhór éin tighe. Ál sicínidhe: an méid a gortar. Ní haon tsicínidhe anois iad ná go ndéanfaidís dóibh féin: nílid óg ná lag feasta. Tar éis an fhliú bheifeá chómh lag lé sicín: an-lag. Neart sicín níl ionam, pé ciall é: gan aon neart. Dhéanfadh anbhruithe sicín maith na machairidhe do dhuine bhreóidhte. Sicínidhe cearc, coiligh. Níor fhan aon mheisneach bídh aige, ag priocadh ar nós an tsicín a bhíonn sé: itheadh mall, neamhghuilmeach. Chómh leice lé sicín Márta .i. ní mór árd-aire dho.

sid-: *foillsightheach* féach. Sidé an fear duit: féach annso air it aice. Sidé an áit chéadna go bhfeaca é: an áit seo fé t'amharc. Sid iad na bearta ná taithnigheann liom: iad so atá soiléir duit; atá ainmnighthe nó a ainmeóchad. Sid é an lá chuige: é sin agus ní hé a

mhalairt. Sid í an uair dhéidheannach ghá dhéanamh agam: an uair seo d'áirighthe agus an uair seo amháin.

sidhe: *f.4.* ruathar, preab, sáthadh, fogha, lingeadh, tadhall. Ghaibh sé tharm amach lé siubhal nimhe mar gheóbhadh sidhe gaoithe: siolla fiadhain. Thugas sidhe sanntach fén bhfuinneóig do chur díom amach ach teanntuigheadh me: fogha tréan, tapaidh. Nuair bhíodar spallta leis an dtart d'imthigheadar ina sidhe reatha fé dhéin na habhann: ar nós na gaoithe. Ghreadas den mbóthar go mear nuair chonnac ag teacht ina sidhe gaoithe iad: mar bheadh tadhall gaoithe a bheadh ag baint préach as talamh. Ar an darna sidhe sciob an fiolar leis an t-uan: fogha fuinneamhail ón aer. Tugann galar éigin sidhe go minic fé: déineann ionsaidhe air.

sidhe: *gen. a.* ag baint leis na sidheógaibh, draoidheachtamhail. Bíonn sé in aonfheacht leis an sluagh sidhe: dream nách den saoghal so a ghaibheas crot daonna ortha. "Bean sidhe i nDún Chaoin ag brón-ghol/ is bean dhúthchais mo Dhúna an Óir-se": bean ón saoghal eile: de shluagh na marbh. É féin is a leannán sidhe, táid chughainn: duine ná fágann an tsál aige. I mí mhairbh na hoidhche chuala sí an ceól sidhe: ceól shluaigh na marbh. Nách é a sheimeann an ceol sidhe: ceól sár-bhinn: ceól draoidheachta. Choidhche ní bhainfeam caladh ná talamh amach ag an gceódh sidhe seo: ceódh neamh-nádúrtha. Mhill séideán sidhe éigin mo chuid cuaradóireachta: gaoth dhraoidheachta. I rith na hoidhche ar fad bhíos ag dul amudha agus me d'iarraidh teacht abhaile, cuireadh seachrán sidhe orm go dearbhtha: seachmall draoidheachta. Each sidhe ní bhuaidhfeadh air lé feabhas a shiubhail: each fé dhraoidheacht: each ná baineann leis an saoghal so. An oidhche cailleadh an nadhbhóg bhí sé ráidhte go bhfeacaidh iascairidhe bád sidhe: bád ón saoghal eile: bád go raibh foireann de shluagh na marbh innte i gcruth dhaonna. Connacthas solas sidhe: solas fé dhraoidheacht. Tigh sidhe é sin, ní bhíonn an rath ar éinne ann: tigh atá fé dhraoidheacht: rud éigin ag baint leis nách féidir léigheamh air. Ag teacht de dhruim an chnuic ar nós na sidhe: luas áidhbhéil: siubhal agus fuadar nár bh'fhéidir do chosc.

sidheóg: *b.2.* daon ná baineann leis an saoghal so; Sighle nó Beití fir. Ní mór ná go gcuirfeadh sé faitchíos ort an crot atá air, budh dhóigh leat gur sidheóg leasa é: duine nách ón saoghal so. Sidheóg bheag, chráidhte atá ann, gan spirid, gan anam: rud piteánta.

sighin: *b.2.* cómhartha, fioghar, marc. Cuir do shighin ar an bpáipéar so: cómhartha. Bain sighin na croise ort féin in ainm Dé: coisrigh thu féin.

sighneadh: *f.* (*-ghinte, -nithe*) do chómharthughadh, do chur ainme lé, marcáil. Ag sighneadh ainme dho agus é féin ag cur a chómhartha os chómhair fíné leis: dhá scríobh do. Sin í mo leitir-se agus sin é mo shighneadh: m'ainm scríbhte gem láimh féin. Is minic agus sighneadh fada ar ghuth as Gaedhealaing go n-athruigheann sé brigh an fhocail ar fad: cómhartha os a cionn chun a faduighthe. Ó chuaidh sé ann ní fheicim aon tsighneadh séin air seachas mar bhí: cómhartha ratha.

sighneas: *f.1.* cómhartha, tuar. Buaileadh im aigne nár bh'fhearra dhom rud a dhéanfainn 'ná bheith ag cur díom nuair chonnac sighneas feirge ag teacht air: an droich-iomchar ag boirbiughadh ann.

sighnim: (**sighnighim**) *b.a.* cómharthuighim, cuirim m'ainm lé, séalaim. Sighin annso: cuir t'ainm annso. Sigheann an t-oifigeach puist an mála sara scarann leis: cuireann cómhartha oifige na háite air. Shighneóchadh san aon rud: ní mór an nath aige dul in urradhas i mbannc etc. Gach Máirt téighid chun sighnighthe leis an mír: a n-ainm do chur lé páipéaraibh na míre.

sighnighthe: *a.r.* cómharthuighthe, críochnuighthe, beartuighthe, séaluighthe. Ná bí ag braith uirthi seo chun do phósta, tá sí sighnighthe beartuighthe: geallta lé pósadh.

sighniúir: *f.3.* duine a chuireas a ainm lé deachtán, margadh, aontadh, etc. ar son camplachta, nó dúthaighe. Sighniúiridhe an Mhargaidh.

sil: *b.2.* braon, diúir, dil, drúichtín. Is iomdha sil gabhtha tríd scórnaigh riamh: mórán dighe mearbhaill. Níor fhág sé an oiread agus sil ar thóin an áruis gan diúgadh: braon beag: diúir: dil. Cuir sil bheag eile uait féin ann, ná bí chómh sprionnlaithe: braoinín. Líonaim sil árus agus diúgann chómh maith: bheith ag síor-chur nó ag síor-bhaint lachta as rud. Bád maith farraige seadh í, níor thóg sí sil riamh: ní tháinig sáile de dhruim a gunalach.

síle: (**sighle**) *b.4.* ainm baineannaigh, duine piteánta, garsún ceanamhail ar coidreamh cailínidhe nó cailín ceanamhail ar choidreamh buachaillidhe. Is fada síle déanta ged mhnaoi dhíot: tú fé smacht ceart aice, céile piteánta. Nách é an síle é, an stráice ameasc cailínidhe: buachaill piteánta, a bhíos ag déanamh aithrise ortha. Cómhartha droch-aimsire Síle na bPortaithe bheith ar an séithleán ar maidin: an chorriasc. Ní phósfainn an síle sin ar Chúige Mumhan: léasán lice: íomháigh greanta: duine go dteastuigheann uaidh a photbhiathadh: a chur ó bhais go bais.

sileach: *a.* siléigeach, mall, neamh-aireach, faillightheach, leachta. Ná bí sileach i dtigh an óil: ná bí tugtha do fhanacht ann thar tráth nó é do ghnáthughadh. Ní fheadar ar cheart dom aon teachtaire do leigeant leis, duine sileach mar é: dearmhadach, manaoiseach. Luathuigh, ná bí sileach nó beidh thiar ar do ghnóth: manaoiseach: neamh-phraitineamhail. Má bhí ró-shileach tímcheall do thighe ní fada bheidh do ghustal ag imtheacht lé fánaidh: leachta: neamh-chúramach. Go sileach suarach seadh mhairid, gan greim ceart bídh ná smól mhaith theineadh: suarach, gan aon chlódh chun maireachtana. Imtheóchad go sileach suarach is luighfead feasta ar an ól: im scraiste leachta. Samhain shileach díontar tighthe: leachta: riabhach. Ró-shileach ar fad tímcheall tosnuighthe: fuairthéach.

sileachán: *f.1.* (**silteachán**) srutháinín, síor-bhraonaidheacha; sraoth. Loibh sileachán na bundalaighe é: an sileadh uisce ó dhíon an tighe. Gaibheann sileachán an chnuic anuas an bóthar: an t-uisce a bhíos ag rith annso agus annsúd ina shruthánaibh beaga. Tagann an t-uisce amach thíos san abhainn trí shileachán: sraoth chun a thairngthe. Choidhche ní

imtheóchaidh an sileachán ón sróin aige: uisce ag síor-theacht léi. Do fhliuch sileachán na casóige na hioscada agam: an braon a thuiteadh di.

sileadh: (**silleadh**) *f.* (*-lte*) do thuiteam i ndíleannaibh, i mbraonachaibh, i ndiúiribh, i ndeóraibh; scaoileadh amach, an shughlach do thabhairt, dortadh, tuaradh; do chur, d'fhúscadh; ag gluaiseacht i slaod, i nduartan, do thuiteam lé; ina liobar; fliuchras, coirnínidhe; sraoth; gearradh chun uisce; othar etc. Ar an mbáistigh atá ann beidh gach aon rud as an sileadh: trom-fhliuch: uisce ag gluaiseacht díobh. Caith dhíot anuas, táir ar an sileadh mhaol bháidhte: fliuch, is an t-uisce ag tuiteam as an éadach. As an sileadh is fearr liom an leann dubh is ní has an mbuidéal: as shoitheach a bheadh oscailte. Tá an soitheach san ag sileadh: tá léic ann: tá an lachtlach ag imtheacht as 'na bhraon is ina bhraon. Bíonn na súile ag sileadh aige: uisce nó othar ag gluaiseacht uatha do shíor. Is olc an cómhartha ar an nglúin í do bheith ag sileadh aige: braon do bheith ag teacht aiste gan cneasughadh. Goirtigheadh mo chos ag léimeadh de chlaidhe dhom, tá sí ar sileadh liom ó shoin: nílim i ndán siubhal léi mar budh cheart: tá sí ar crochadh liom. Buaileadh sa ghualainn é is scaoileadh an ghéag ar sileadh leis: gan anam: ar crochadh: ná féadfadh áis do bhaint aiste. Is maith críochnamhail an barránach é, níl dada ar sileadh leis: ar bóiléagar: ní fhéadfadh neach brabúch do bhreith air. D'fhill sé is a chleitidhe ar sileadh leis: é claoidhte: an meas is an réim bainte dhe. Bí-se ag cur síos air faid is maith leat, ach an bhfeicir aon rud ar sileadh leis: neamh-chríochnamhail: i slighe go bhféadfaí bob do bhualadh air. Mar bhíodar riamh seadh bheid choidhche, 'na scraistidhe, a gcuid gnótha ar sileadh leo: go leadhbach, gan déanamh. Nuair chonnaic an tsean-bhean phiseógach an sop ar sileadh leis an gcirc dubhairt sí láithreach go bhfaigheadh duine éigin bás: ar crochadh léi. Ná bí ag sileadh asam-sa ar feadh an lae, faigh duine éigin eile go mbír ag scramaididheacht air: ghom leanamhaint. "Tu ag sileadh na súl is do chom gan lón": ag gol: ag caoi. Fágfaidh an cúrsa so ag sileadh súl thu mara mbír aireach: tabharfaidh sé buadhairt duit. "Cé d'fhúig sí mise fá iomarca bróin/ ag luascadh leinbh atá ag sileadh na ndeór": deóra ag teacht go fuidheach ó n-a shúilibh. Fuairtheas sileadh fola mar ar leagadh é: log fhola. An bheart ní dhéanfair choidhche, táim an-eaglach, táir ag sileadh orm: ag teip: ag cnúbláil: ag tréigean. Thug sé an oidhche ag sileadh: ag cur bháistighe. An ó neamh bheidh do bheatha ag sileadh chughat, an dóigh leat agus fanacht id liaghairne mar sin?: ag tuiteam. Is ait é me ag sileadh alluis is creatha fuachta ar an am gcéadna orm: allus ag teacht ina shlaodaibh liom. Caithfead géilleadh dho, mara mbeadh ach a náire, é ag sileadh asam dul in aonfheacht leis: ag déircínteacht orm. Caithfir malairt trucalach d'fhagháil. Tá sí sin ag sileadh as a chéile: ag scaradh: ag tuiteam. Chuaidh an t-arbhar ró-fhada gan baint, bhí sé ag sileadh: an gráinne ag tuiteam as toisc é do bheith ró-aibidh. Cluas shilte atá aige nách féidir do chneasughadh: go mbíonn braon ag fúscadh aiste. Cad thárlaidh dhuit? tá fuil ar sileadh leat: ag rith anuas léd chneas. Chuaidh an bhó gan crúdh ró-fhada, bhí sí ag sileadh ar an aonach: an bainne ag teacht uaidh féin as a sinidhibh. Sileadh na faille: uisce ag fúscadh 'sag tuiteam. Táir ins na siltibh: fliuch, báidhte. A folt ar sileadh siar síos léi: ag tuiteam ina shlaod: ar crochadh. Ar mh'anam ná féadfainn dul céim eile, táim ar sileadh leis an ocras: lag: gan bhrigh. Leis an aois brathaim mo neart ag sileadh ionam: ag tréigean. Luigh sé ró-mhór lé sileadh na heórnan: an deoch. Teach silte dighe: mar a ndéintear é as gráinne: an bhiotáille do bhaint as. Táir ag sileadh as do sheasamh, an ocras atá ort?: lag, fann. Nách neamh-ghasta an leanbh thu, bheith ag sileadh té ar do chuid éadaigh: é bheith ag tuiteam uait air.

Chuireas an oiread san feirge air go raibh sé ag sileadh fhuail: ar deargbhuile. Cuireadh ag sileadh caca iad, agus d'imthigheadar agus teann deabhaidh ortha: eagla a gcroidhe ortha. Ná bíodh do cheann ar sileadh leat mar sin, árduigh is dírigh thu féin: cromtha mar bheadh lé náire nó neambrigh. An mhin ag sileadh as an mála: ag teacht trí pholl nó scoilt nó áirighthe. Is minic minic adubharthas léd mháthair bhocht as an nduadh do fuair sí uait, dá mbeadh fáinnidhe óir ar sileadh as gach ruibe gruaige ort ná féadfá é do chúiteamh léi: ar crochadh. Tairngeann an sileadh an t-uisce go léir as an bportach: sraoth aiceanta nó déanta. Is í an ghlóire an ghlaine dá mbeadh sí ag sileadh as a chéile: fiú amháin i mbochtanacht níl buaidh ar an nglaine. Cogar, an mbreithnighir in ao'chor an tslighe bhíonn airgead ag sileadh uait: tú ghá chaitheamh gan chiall. Dá mbeinn ag sileadh airgid chúcha sé an buidheachas céadna dhom é sa deireadh: ghá scaoileadh chúcha gan stad. An amhlaidh atá do chiall ar sileadh leat go ndéanfá rud ait mar sin?: ag imtheacht uait. Lá chómh te, brothallach san dob eadh é go mbeifeá ag sileadh id bhraonachaibh: ag leaghadh: allus ina shlaodaibh leat. Bheadh an bhrigh ag sileadh annsúd asat lé reacht gáiridhe fé: bheifeá lag amach ó ghái ridhibh. Níl aon tógaint ar na fallaidhibh, tá an sileadh isteach fútha: fliuchra ag éalódh tríotha.

sileáil: *b.3.* moilliughadh, leadrán, útamáil, gliúmáil. Ná bíodh a thuilleadh sileála annsan ort, gluais, cá bhfuil do chúram ann?: leadrán tónghail tímcheall gan chúram. Is mithid an gnóth so do dhéanamh feasta, fada a dhóthain atá sé ar sileáil: lé moill. Ní dhéanfaidh an saghas san sileála an bheart choidhche, níl bun ná deallramh léi: gnóth aindeis gan críochnughadh ná luathughadh. Ná bí ag sileáil leis, ach buail é: ag méaráil 'sag féachaint air. Sileáil oibre, rámhaidheachta, thiomána etc.: ag gabháil di gan aicillidheacht nó iarracht cheart.

sileálaidhe: *f.4.* leadránaidhe, útamálaidhe, siléigeach. Níor chuir sé aon ghnóth riamh roimis ná laitfeadh sé, an sileálaidhe: útamálaidhe: duine a thigheas i bhfeighil gnótha gan an fuinneamh ná an fonn ceart. Laitfeadh an sileálaidhe sin aon nidh go gcuirfeadh sé a lámh ann: duine ná fuil i ndán clódh ná cuma chun bearta do dhéanamh do chur air féin. Nuair budh chóra dho í bheith pósta aige do scaoil an sileálaidhe an cailín breágh uaidh: siléigeach: duine ná raibh sé d'anam ná de chríochnughadh ann rud do shocrughadh ina aigne. Ní sileálaidhe a iascfadh bradán: duine liobarnach, mío-thapaidh.

siléir: *f.3.* croithteachán, séithleach, duine léirighthe. Tá droich-fhiacal annso agam go bhfuilim im shiléir aice i dteannta mo mheabhrach do bhaint díom: im dhuine chaithte, croithte. Do rinne an cogadh an oiread san léir-screasa agus bochtnuighthe ar an ndúthaigh go raibh na daoine annsúd 'na siléiridhibh ag dul thar n-a chéile, ag itheadh ghlasraidh: gan ionta ach na cnámha. Beir id shiléir gan neart mná seólta ag braith ar an gcaol-bhiadh san: gan ionat ach an scrogall 'san t-iogán.

silim: *b.a.* 7 *n-a.* doirtim, tuaraim, scaoilim, spealaim, rithim, diúgaim, cromaim, crochaim, leanaim, loirgim, laguighim. Shilfeá id bhrigh fé, chuirfeadh sé an oiread san gáiridhe ort lé n-a bhfuil de ghreann is de shult ann: lagófá: d'imtheóchadh an tapa asat. Shilfinn leis an ocras os chómhair a súl sara dtugaidís greim lé n-itheadh díom: thuitfinn as mo sheasamh leis an laige. Nuair chloisfidh sé é silfidh sé fual: beidh sé ag strealladh a chuid uisce lé feirg. Silfidh an coirce mara mbaintear gan puinn moille é: doirtfidh sé an

gráinne: tuitfidh sé as an mogall. Bíonn picil an-ghéar, silfidh an soitheach: leigfidh an soitheach uaidh í ina braonachaibh. Is é a mbeidh dá bharr agam a silfead d'allus: a gcuirfead tríom lé reacht strusa. Shilfinn annsúd sara loirgeóchainn aon rud air a chuirfeadh fé chomaoin me aige: thuitfinn as mo sheasamh lé faid feithimh. Níl braon fola ina chorp ná silfeadh sé dhuit: dhoirtfeadh ar do shon: gheóbhadh bás duit. Sileann sé asam ar feadh an lae, ní fhéadfainn é do chrothadh asam: leanann sé an chos agam. Fágadh gan freastal é gur shil fuil a chroidhe: gur thráigh gach aon bhraon fola ina chorp as. Silfidh an lampa san, tá poillín ina thóin: imtheóchaidh an luchtlach as. Dá mbeadh ar bhain leis marbh ní shilfeadh sé deóir: ní ghoilfeadh sé. Sil annsan go socair é: leig uait é. Sileann a ngéaga lé méid a dtortha: cromaid chun talmhan. Dá bhfantá annsan go sileadh na cosa dhíot ní chorróchainn mo lámh chun maitheasa do dhéanamh duit: go dtuitfidís díot. Go silead má tá aon fhocal bréige agam: go n-imthighidh an bhrigh asam. Shilfeadh an t-anam asat lé gáiridhe fé: bheifeá sa trithidhibh fuara, marbha. Shil an chneadh mórán othair: d'fhúsc aiste. Dhein sé a lán, dhein mhaise, gur shil a chuid uisce uaidh!: é d'éalódh dá aindeóin air lé scannradh. A chac go sileadh uaidh! maran air atá an eagla: go n-imthighidh uaidh. Ná sil do dheóra leis, ní misde thu scaramhaint leis: ná bíodh aon bhrón ina dhiaidh ort. Silfidh an t-iasc as an gcléibh: imtheóchaidh ina cheann is ina cheann tríthe. Ná sileadh aon fhocal ina thaobh uait: ná bíodh den mío-ádh ort go scéidhfir ort féin. Shil mo ghéaga liom chómh luath agus chonnac an íde a bhí air: thuiteadar siar síos liom. Ná sileadh aon earra aca san as an dtrucaill: ná himthigheadh. Mar a sileann an abha ón fharraige: mar a ritheann sí. Shilfeadh an t-anam asam sara ndéanfainn é lé náire, gráin, etc.: d'imtheóchadh.

silín: *f.4.* cineál crainn agus a thoradh; toradh an fhíneamhna. An amhlaidh adeir sé ná glacfadh sé é? Sé na silínidhe searbha aige é: neamhshuim dúmais: "tóg uaim is gan uaim ach é!" Nuair cuireadh an t-éitheach siar air las sé chómh dearg leis an silín: luisnigh sé lé náire. Siad silínidhe an tsionnaigh aige iad: mí-mheas ar an rud ná féadfadh sé do shroichstint.

silín: *f.4.* braoinín, diúirín, diúgadh beag, fliuchradh. Níor fágadh agam den mbuidéal ach silín, nách iad a thug an slogadh dho: braon beag. Ní fiú bheith ghá crudh níl aice ach silín: braon caol bainne. Cuir silín eile ann: braon beag breise.

silleadh: *f.* (*-lte*) féachaint, dearcadh, caitheamh súl. Ar shilleadh na súl bheadh súd ort, tá sé chómh pras: faid bheadh duine ghá caochadh. Chúbfá ón silleadh súl atá aige: an fhéachaint dhiamhair atá ina radharc. Deineann silleadh sásamh, féach ná raghadh aon tsuaimhneas air go bhfaghadh sé amharc: rud d'fheicsint. Níor thóg sé silleadh a shúl díom: d'fhan sé ag steall-fhéachaint orm. Má tá mí-shilleadh ag fear nó mnaoi is aige é, chuirfeadh sé an tsúil go croidhe ionat: súil mhillte: súil choirighthe (ciorrbhaidhthe). Ná bí ag silleadh do shúl orm-sa: ag caochadh mar bheadh ag déanamh cómharthaidhe.

silt: *b.2.* an méid a siltear, etc. Sid é silt an bharraille is ní ró-mhaith an earra lé n-ól é: an dríodar. Mar ar treascradh é bhí silt mhór fola: dortadh: lagán.

silte: *a.r.* tuartha, doirtithe, diúgtha, sniogtha, tuitithe, scaoilte; tais, fliuch, neamh-scabhárdamhail, tugtha, tnáidhte, cnaoidhte, tréith, leisceamhail, amadántamhail, neamh-

acrach, neamh-éifeachtamhail; gan brígh. Ní deacair a rádh ná go bhfuil brón air ina diaidh ar a bhfuil de dheóraibh silte aige: tuartha: tugtha. Gheóbhair fuacht mara n-athruighir do chuid éadaigh cnis ar a bhfuil d'allus silte agat: tagtha ina shlaodaibh trí gach feathán. Táid silte anuas ar a chéile mar bheadh beirt a bheadh i ngrádh: leachta anuas ar a chéile: do shíor i bhfochair a chéile. Silte anuas ar an dteine i rith an lae, budh dhóigh lé duine go raibh an t-éag ina chorp: leathta: gan í d'fhágaint ná a fhonn air. In ainm Dé bíodh caithte dhíot anuas táir silte ag an bhliuchán: an braon dulta isteach ort. Bheadh an bhrigh silte asat bheith ag éisteacht lé n-a ghreanmhaireacht nuair bhíonn braon thiar aige: "an t-anam tuitithe ag gáiridhe asat". Beir isteach an t-éadach san, tá sé silte ó bheith fén sín: fliuch ó thaobh taobh. Ím bog silte ná fanfadh ina chnapán: leachta. Cad ghearrfá leis an dtuaigh silte sin, go bhfuil an cos ar bogadh innte: ná fuil aon éifeacht léi. Aimsir ghránda fhuar, shilte ná faghfá aon rud tirim choidhche aice: tais, riabhach. Feóil bhog shilte go n-iomóchadh t'aigne ina coinnibh: feóil leachta. Éadach silte ná fuilngeóchadh puinn báistighe: bog, neamh-anamamhail. Is silte do dheinis do ghnóth, dhearmhaidís leath a raibh lé déanamh agat: neambaileach. Aon rás ní rithfidh an capall úd choidhche airís, tá sé silte: an bhrigh, is an fuinneamh imthighthe as. Bheifeá silte ó bheith ag feitheamh lé rud as a láimh: traochta, tnáidhte lé n-a mhaille. Ní thuitfeadh sé uait mara mbeadh an tslighe shilte ina rugais air: neamh-aireach liobarnach. Suidh go n-ullamhófar rud éigin duit, táir silte ag (leis) an ocras: caillte. Táir silte ón bhfuacht: leathta. An fuacht ceangailte isteach ina chnámhaibh, é silte anuas ar an dteine: leachta: caithte: gan fonn a fágtha. Budh dhóigh leat gur beirt leannán iad, táid chómh silte sin ar a chéile: ag déanamh dlúth-chuideachtan dá chéile. Is mór mar tá an aindeise imthighthe air, tá sé silte anuas ar an dtalamh ar fad: dulta chun dearóile. Táir silte orm: táir teipithe, tréigthe trí neambrigh. Ní mórán an mahith sa mhóin, tá an íle silte aiste: diúgtha, imthighthe mar bheadh lé h-iomad fliuchra. Fear silte seadh é, ní fada eile a sheasóchaidh sé: tugtha: spíonta. Táimid an-shilte lé chéile an aimsir seo, pé faid nó geairrid do bheam: buidheach: mór. An mbeidh deireadh silte choidhche aige?: curtha: deireadh báistighe. Is silte an imirt ar chártaidhibh uait í sin: olc: gan tairbhe.

silteach: *a.* reathach, gluaisteach, slaodach, fúscach, tabharthach, lachtach, caithteach, rabairneach; siléigeach, manaoiseach. Budh mhór an truagh é bheith chómh silteach i dtigh an óil, imthigheann airgead uaidh ar nós an uisce: caithteach: rabairneach. Má bhír ró-shilteach féd chuid airgid, caoinfir fós é: ró-rabairneach, beir ina aithreachas fós. Árus silteach atá agat, ní fhanfaidh braon ann atá ag leigeant uaidh. Cneadh shilteach a théigheann des na dochtúiridhibh do leigheas ná do thiormughadh: go mbíonn othar ag síor-theacht aiste. Fás silteach seadh é, ní mór bheith aireach air: tugtha don ngráinne do thuiteam as. Cuideachta shilteach thu níor mhaith liom bheith it fhochair, ní ghluaisfeadh aon rud abhaile thu: righin, siléigeach. Rud silteach airgead: rud a imtheóchadh nó leighfeadh gan aire.

simleadh: *f.* (*similte*) meath-iarracht, leathscéal. A rud shilte, is é an nigheachán similte atá tugtha agat ar do stocaidhibh: iarracht aindeis. Gach aon rud go leachta ina dhiaidh, simleadh déanta aige ar gach gnóth: leathscéal: sruimleáil cúraim.

simné: *f.4.* múchán, ródh ó theine anáirde trí bhuaic tighe chun deataigh do tharrac; tógáil mhór, árd mar bheadh túr i gcóir fuairnéise. Coimeád an simné is ní baoghal duit

(leamhas): déin gnás d'fhanacht i gcómhghar na teineadh. Simné deataigh: ná beireann an deatach leis. Simné caoch: an tógáil gan an poll nó an chródh, nó ná tairngeann go ró-mhaith. Tá simné as an dTiaracht: ceódh ar a barr mar bheadh deatach as shimné: cómhartha athruighthe aimsire.

simpleóir: *f.3.* pleidhce, duine saonta. Is furaiste salann do chur ar laogh do shimpleóir: duine saonta ní deacair bob do bhualadh air. Ar chuma, simpleóir duine seadh thu, chreidfeá na luathargáin: duine soi-chreidteach. Ní haon tsimpleóir mise agat, go scarfainn lém chuid chómh bog san: duine nách deacair an lom d'fhagháil air. An tslighe atá sé déanta agat ní dhéanfadh simpleóir é: duine gan éifeacht.

simpleóireacht: *f.3.* pleidhcidheacht, saontacht, soi-chreidteacht. An lé simpleóireacht a bhíonn sé ag cainnt go hait mar sin, nó an ag leigeant air do bhíonn sé?: pleidhcidheacht, ceal gaoise nádúrtha. Cad í an tsimpleóireacht a bhí ort agus scaramhaint leis an rud a bhí ag teastáil uait féin chómh cruaidh sin: aiteas: ceal fuaimeanta. I leith a chuid simpleóireachta dho féach ná faghfá aon bhall bog ann: d'aimhdeóin an neamh-chruinnis do ceapfaí do bheith ann. Is fada mar sin é, dorcha, coimhtheach, tá simpleóireacht ag baint leis: níl sé go ró-chruinn san inchinn. Caithid an lá ag simpleóireacht lé chéile: mar bheadh amadáin lé chéile.

simplidhe: *a.* baoth, neam-chruinn, réidh lé déanamh, aimideach. Níl seisean chómh simplidhe sin agat is budh dhóigh leat: chómh baoth: chómh so-mhagaidh. Bean chómh simplidhe sin is go gcreidfeadh sí an leanbh ó airéir: saonta: gur furaiste rud do chur ina luighe uirthi. Báthadh go simplidhe é, an duine bocht, siubhal amach 'on uisce sa doircheacht: go neamhthuiseach: gan choinne: níor dhóigh lé duine go dtuitfeadh a leithéid amach mar dhein. Toisc é bheith simplidhe ann ní thabharfadh sé fé ndeara choidhche an t-olc: bog, neamhurchóideach. Ceacht réidh, soi-dhéanta, gan deacracht, fear simplidhe: gan bheith cruinn, baileach: saor ó anchúinseacht, fear saonta: soi-chreidte: gan urchóid ná olc ina chroidhe; obair shonaoideach .i. ná bíonn deacair do dhéanamh; cainnt léir: sho-thuigthe. Táir ró-shimplidhe ní thuigfeá me: ceal eólais ort. Daoine breághtha simplidhe seadh iad ní deacair dul chun cainnte leo: gan mustar ná tóirtéis. Is simplidhe thagann cainnt air: bog.

simplidhe: *f.4.* duine baoth, soi-chreidte, neamh-urchóideach. Tabhair don tsimplidhe é, ní thógfainn-se uait é, do rud gan mhaith: an duine soi-mheallta. Is minic simplidhthe ar dhaoinibh glioca: duine dar leó ná bíonn teacht anuas ortha lé fuaimeant is ciall is minic a tagtar ar an dtaobh caoch díobh. Cuir an ceann trom ar an simplidhe, nách maith é tu: ar an te ná bíonn géar-chúiseach déin meang air.

simplidheacht: *b.3.* neamh-chruinneas, neamh-ghéire, fusacht, neamh-thóirtéis. Chuirfeadh sé iongadh ort a shimplidheacht san do dhéanamh nuair bheadh a fhios agat: a fhusacht. Dar ndóigh lé slighe bheatha dho san áit úd, tá simplidheacht air bheith ag dul ann: ceal gaoise agus taithighe. Bheadh simplidheacht orm dul ag argóint ar rud gur beag é m'eólas air: aiteas: díthcéille. Anois an bhfuil simplidheacht air? nách breágh nách é an chuid budh mheasa a thoibh sé?: amadántaidheacht: neamhchruinneas: neamh-ghéire. A shimplidheacht is d'fhéach sé orm: gan meang: gan pioc camasghala.

sin: *a. foillsightheach* an rud thall annsan go bhfuil tagairt do anois nó go raibh cheana; annsan, féach annsan. Ó, an fear sin nár leigidh Dia dhom é ná bí ghá mholadh dhómh-sa: an duine áirighthe nó an té go bhfuilir ag tagairt do nó atá agat dhá dheimhniughadh dhom. Is don mhnaoi sin is maith leat atá mo thagairt: bean áirighthe. Fág sin mar tá sé, agus mar a bhfuil sé, ná buail barra méire air: an rud atá i láthair, i dtreis, nó go bhfuil tagairt do. Leig do-san, scaoil thart é: an rud (duine, etc.) áirighthe atá fé amharc nó i dtagairt. Leis sin a chuadhais, tá na bóithre is na geámaidhe céadna fút: an duine go bhfuil trácht air. Dhiúltuigh S. mé corp na gclár, níor bh'é sin de Th. é: ní hé sin déanamh do fuaireas uaidh. Tá sé os chionn a bhuille go maith, ach ní hionann sin (san) agus a rádh go bhfuil sé saidhbhir: ní hé an rud céadna é. Saoghal maith dob eadh é, acht d'imthigh sin agus tháinig seo: an saghas a bhí ann. Ní bheadh súd sásta gan seo sin do bheith aige: so súd. Luigheadar thársta annsan go maidean, acht bhí sin go maith, go dtí lár na hoidhche siar etc.: gach aon rud go sásta. Sin í díreach an chainnt cheart do thabhairt do: an chainnt atá amháin oireamhnach do. "Leag annsan é," – agus nuair bhíonn leagtha – "sin é": tá sé i gceart. B'shin é díreach é, cad bhí lé déanamh agam?: an cruadhtan, an fhadhb. Chuala go bhfuair t'athair bás agus níor mhaith liom sin: an céadna. Sin a raibh agam – púnt, chaitheas chuige: an tsuim airgid. "Sin í an chainnt, is cuir amach mo bhean chugham": an forfhógra. Sin í an fhadhb: an rud go bhfuil tagairt do nó a bhíos os chómhair dhuine. Sin é agat é, nách é an coileán é! Féach féin gur bheag aige rud mar sin do dhéanamh. Ag sin agaibh iad ó cheann ceann: féachaidh caithte chughaibh iad. Sin í an tslighe, mo ghrádh thu, is rud! Ar an gcuma san seadh gheóbhfá rudaidhe. "Sin agat, a mhadra, do chuid": ghá chur nó ghá thabhairt do. Ina thaobh san (sin) de, ní bheadh aon eagla orm: maidir leis sin. Ag sin agaibh mo ráidhte: an méid a bhí ar m'aigne ós bhur gcómhair agam. Más mar sin atá ní labharfad focal air: ar an gcuma díreach atá, etc. "Bhuailfinn thu!" – "an mar sin é?": dhéanfá. Bíonn fiche bó aige ann, ladhar chaorach, beithidhigh is mar sin de: ainmhidhthe eile dá réir. Chromadar ar argóint agus mar sin dóibh gur éirigheadar chun stráin: leanadar ar an aiste gcéadna. "Connus taoi?" – "dhe mhuise ní mór dom m'fheabhas, nílim ach mar sin": cuibheasach: gan puinn lé maoidheamh agam. Scread sé go raibh sé dhá bháthadh, air sin chaitheas me féin isteach: gan mhoill: mar gheall air. Ná fan níos déidheannaighe 'ná an Satharn, tair fé sin má fheadair: roim an lá san. Ná bíodh aon aithreachas ná náire fé sin ort: ina thaobh: mar gheall air. Go dtí sin bhí sláinte mhaith aige: i rith na haimsire roimis an dtráth san. As sin (san) tiocas (tig as) dóibh gur bhuaileadar a chéile: de dheascaibh an iomarbháidhe eatartha. As san amach níor fhéach sé siar orm: aon am ina dhiadh san. Tómhais an áit as sin go dtí sin: ón áit a dheimhnighim go chéile. Ó shoin i leith ní raibh lá dá shláinte aige: ón am gcéadna. An bhfuil sé ann ó shoin?: ó am áirighthe. Dá mbeinn ag cainnt ó shoin leis b'é an dá mhar a chéile dhom é: ó am áirighthe go dtí anois. Níorbh aon easbhaidh airgid a bhí air, leis sin, déarfainn ná beadh sé ag braith ar éinne chun díolta as: toisc sin: nuair tógtar ceann de. Táim-se ró-bhocht, dá bhrigh sin is beag é mo ghnóth ameasc bodach gustalach: mar gheall air sin. Tá sé bacach ar chois leis, mar gheall air sin, ní maith leis siubhal i bhfad: ós rud é gur mar sin atá. Roime sin do thárlaidh an nidh seo: sara dtáinig an tráth atá i gceist. Tabharfad a aon sin: aon chárta an datha atá iompuighthe mar mhádh. An chuige sin a thugas scolaidheacht duit ná bainfeá aonnidh aiste?: an é an fáth a bhí léi é? An chuige sin do cuireadh teine sios? go mbeifeá-sa ghod ghríosadh féin léi: an é bun do bhí leis é? Dhein sé go maith gur lochtuigheadh é tar éis sin, ní dhéanfadh

sé faic: san am a lean an tráth san. Bheadh éinne cortha a bheadh ag gabháil den obair dhuaibhseamhail seo, bheadh san: go dearbhtha do bheadh. Is tú an diabhal féin lé gliocas, is tu san: aon amhras níl ina thaobh. "An ndíolann sé as an áit úd?" díolann san, a deirim-se leat: mise fé dhuit go ndíolann. Níl sin fear i gCúige Mumhan indiu, agus is mór an focal é, ná go bhfuil sé chómh flaitheamhail leis: d'fhéadfá geall do chur as. "Ar theastuigh uaidh dul 'on arm?" – "sin nó imtheacht ón mbaile": dul nó etc. Dá mbeadh tástáil agat air níl sé chómh dona sin ar fad acht oiread: chómh dona agus tá ráidhte nó mar machtnófaí é do bheith. Is iomdha sin cailín áluinn a bhí i ngean leis: na sluaighte dhíobh. Sin cead uilc is mhaitheasa aca: a dtoil d'imirt mar is áil leo gan bac.

sine: *b.4.* sean-aois, breis aois. Ag cromadh is ag liathadh leis an sine, mar is dual don bpeacach: aos mór. Is agam-sa atá an tsine is ní ag eisean: breis na haoise. An bhfuil aon tsine ag dul air?: an bhfuil cómharthaidhe na haoise léir air? An uile lá as so amach anois bead ag dul i sine: an tsean-aois agus a cómharthaidhthe is a hiarsmaidhe ag teacht orm.

sine: *f.4.* ballán, sprochaid ar chíoch gach ainmhidhe go ndeólann a n-óga iad trí n-a ngaibheann an bainne ina shreabh. Fág an gamhain fén sine: ag deól a mháthar. Is deacair dóibh, na leanbhaidhe bochta, righe ná rath do bheith ortha, is fada gur óladar braon as an sine: bainne na bó. Bhís ar shine do mháthar, a dhailtín, an tráth úd, connus budh chuimhin leat é?: ar a chíoch (cín). Thuit an tsine seáin agam: sprochaid shilte fheóla i lár iarthair an charbaill bhuig. Níl aon teóra lé sine na bó: is deacair buadhachtaint ar an mbainne. Tá aith-shine aice: ceann beag ag fás ar an gceann is dual.

sineach: *a.* go sinidhibh (móra). Bó bhreágh shineach: sinidhe móra aice is bainne dá réir. An bhóidhín is beag-shinighe dár leagas mo shúil riamh uirthe.

síneadh: *f.* (*-nte*) searradh, fadughadh, eascar, leathanughadh, do dhéanamh cnuaiscsiúin de, do thabhairt do, do dheimhniughadh fá dhéin, do theilgean, do chur ar lár, do luighe; beartughadh, léiriughadh. Is maith a theastóchadh ón bpeata leinbh sin lámh do shíneadh chuige: smacht do chur air. Theastóchadh óm shean-chasóig lámh do shíneadh chúiche, tá sí an-stracaithe: féachaint ina diaidh agus í do dheisiughadh. Budh mhór an náire d'éinne a shíneadh a láimhe chuige, an duine bocht, dearóil: aon chur isteach do dhéanamh air. Níor ghádh dho éinne a lámh do shíneadh chuige gan í d'fhágaint ina dhiaidh mar a raibh sé: é do ghoid. Is maith atá do mhac ag síneadh, bail air: ag fás. Bímís ag síneadh chun bóthair: ag gluaiseacht. Bíonn síneadh mór ar an lá tímcheall lae Féile Brighde: faid. Táid ag síneadh leis an obair go maith: ag luighe, claoidhe léi. Níl aon tsíneadh aige leis an áit, b'fhearr leis gan bheith in ao'chor ann: aon leagadh: luighe, fonn cur fé ann. Capall gan aon tsíneadh atá agat, ní mór an dul aige ar an rás, gan searradh cliatháin: ná cuireann a ghéaga go scartha chun cinn ag gluaiseacht do. Féach an bhféadfá an hata san anáirde do shroichstint, tá maith (géag) agat: scar maith: searradh: iad do sháthadh an fhaid is féidir. Ná bíodh na daoine ag síneadh a méire fút (chughat): ghod dheimhniughadh, theasbáint dá chéile: ag magadh fút. Nuair bhíonn an bolg lán is mian leis an gcnámh síneadh: is gnáth go mbíonn an sáitheach claon lé díomhaointeas. Ag síneadh an airgid do chugham thuit sé ar an dtalamh: ag cur a láimhe leis uaidh amach im threó. Bain síneadh as an dtéid sin: tairngtear í. D'éirigh sí amach ar an úrlár agus bhain síneadh as féin: searradh: bhog sé a bhaill anáirde is amach. Ag síneadh isteach san mbliadhain anois do, sin é ina

fhóghmhar agat é: ag druideam. Na capaill díreach ag síneadh suas lé chéile roim ghluaiseacht: ag teacht ar chóimhrian. Bain síneadh as an min, tá sí gann: bain siar aiste: déin cnuaisciún di. Níl puinn airgid againn agus móran gnótha againn de, caithfeam é do shíneadh: é do chur chun faid slighe: bheith aireach tímcheall a chaithte. Chonnac ag síneadh a mhéire é don duine iasachta, siar i dtreó na farraige: ghá deimhniughadh: ghá cur uaidh díreach amach faid shroichfeadh sí. Do thabhairt dhuine fé ndeara ag siubhal, rith, rámhaidheacht etc., déarfaí "tá síneadh maith aige", má bheadh líomhtha, scuabach. Dá mbeinn chómh saidhbhir lé Déamar ní fhéadfainn airgead do shíneadh leat: oiread do thabhairt duit agus theastóchadh uait. A thruagh dhealbh choidhche a bhfuil d'fhearaibh breághtha dá shíneadh gen gcogadh so: dhá threascairt: marbhughadh. Díreach bhíos ag síneadh dhom féin i gcóir na hoidhche nuair buaileadh an doras: ag luighe. Féach rómhat, tá do chóimh-éilightheóir ag síneadh suas leat: ar cóimhrian: in iomaidheacht ghéar leat. Budh shia síneadh dóirneálaidhe aca ná an duine eile: is sia ó n-a chorp a chuirfeadh barraidhe a ghéag. Is mór an síneadh cuimhnte atá agat is go bhfuil na rudaidhe sin go léir it aigne fós: faid. Síneadh láimhe ní bhfuair sé ó éinne aca an tráth budh mhó bhí ceal: síntiús: cabhair. Ar shíneadh a mhéire bheadh gach nduine agaibh, a spreallairidhe, chuige mar bheadh scuaine corr-ghadhar: sméideadh: a dtógaint anáirde: deimhniughadh léi. Ar shíneadh an bhúird bhéil do bhí an bád nuair chonnac-sa í: ag gluaiseacht ar chúrsa go raibh an ghaoth ar a cliathán deas. Ghom shíneadh ar an gclár, sa chómhrainn, san uaigh: gan chur ar m'fhaid. Táthaoi ag síneadh fé, a fheara: ag tabhairt fé: ag cromadh ar rud do dhéanamh. B'éigean dos na bochtaibh síneadh fén ualach: géilleadh do pé iomard do cuireadh ortha. An aimsir ag síneadh chun gaoithe ar fad, ar fad: ag luighe amach. Is dócha go bhfuil síneadh in ár ngaol: go bhfuil an cómhgas fola scartha amach. Sin éadach ná tiocfaidh aon tsíneadh as: scaradh: ná méadóchaidh i bhfaid ná i leithead: searradh. Caoire iad san atá le síneadh ag an mbrothaire: lé marbhadh. An lá bhí na hionndúiridhe ag síneadh an tighe amach: ag beartughadh an fhotha. Níl síneadh ná séanadh dhá dhéanamh aca, an bhfuil aon fhonn ortha faic do dhéanamh?: aon chorruighe ná beartughadh chun oibre. Níor bh'fhada dhúinn go raibh an long eile ag síneadh suas lé n-ár dtaobh: ag teacht ar chómhuisc linn. Nách shin í an Nodlaig ag síneadh leat: druideam. Táir-se go maith ach bheith ag síneadh chughat i gcómhnaidhe: ag tabhairt duit. Ní bhainimíd aon tsíneadh as aon rud a bhíos againn: faididheacht. Gan aon áit sínte i gcóir na hoidhche: áit chodlata.

síneáil: *b.3.* an scealb plastra is lataidhe cuirtear laistigh fé bhuaic tighe; frighe idir dhá sheómra, etc. Tá síneáil fén gcistinn: clúid chlár fén lochta laistíos. Dá mbeadh síneáil treasna annsan bheadh dhá sheómra mór a ndóthain ann: frighe: fochra: deighilt lé hadhmad etc. Síneáil mór-thimcheall lé bun an fhalla: mion-billeóga adhmaid curtha i gcóir ó úrlár anáirde. Málaidhe plúir go síneáil ann: de dhruim mhuin mhairc.

sinéal: *f.1.* sraoth, séithleán, slighe a thairngeóchadh uisce. Deineadh sinéil bheaga ar ghruadh an bhóthair chun an uisce do dhul 'on díg: gearraidheacha beaga. Ar lag trágha bíonn sinéal béil an chuain an-chumhang: canáile. Sinéal uisce ar thaobh sráide: séithleán.

singil: *a.* aonarach, uathaidh, aonair, leis féin, aontumha; buadhartha, suarach, dealbh, caol, aindeis. D'fhan sé singil i rith a shaoghail: gan pósadh. Ní raibh ach seómra singil

don triúr againn sa tigh ósda nuair shroicheamair: seómra aonair amháin. Ar a rabhairnighe ataoi-se ag caitheamh beidh pócaidhe single agat: folamh: dealbh. Tóg singil iad, tá beart aca ró-throm duit: ina gceann is ina gceann. Nách singil ataoi ag gluaiseacht: aonarach: aonair. Saighdiúir singil: gan aon chéim. An rí seo d'iomarbadh go singil gan chiste: go bocht, dealbh. Ar bhfilleadh na seabhac ar buile chun catha/ 's ní singil mo ghairm-se an uair sin: ní bhead gan céile an tráth san. Cé singil lé seolad óm charaid i gcéin me/ ag caitheamh mo ré gan réimheas ná reacht: aonarach. Is mór go léir an iongadh é má tá aon neart ann is na cosa single atá fé: caol, tairngthe. A coinín singil, taithneamhach: seang. An saoghal ag breith go singil air lé tamall anois, ní mór a chidhfeá sa tsiopa aige: go cruaidh, dian. Is tugaid na mionna go gcuirfid me i ngéibheann cé singil droich-éadaigh me ar uireasbhaidh stóir: fíor-dhealbh.

single: *b.4.* (**singleacht**) aonaracht, uathacht, amhgaracht, caoileacht, tanaidheacht. Ó rith leat go dtí so, is dócha go gclaoidhfir feasta leis an single: gan pósadh. Is gránda í an tsingle, níl an beagán féin in iomláin agam: an dealbhas: an chaoile maoine. Chuir an tsingle an ruaig ós na tighthibh ortha: an t-amhgar. Ar shingle a choim d'oireamhnóchadh an gúna so í: seangacht: caoile.

sínim: *b.a. 7 n-a.* searraim, scaraim, leathanuighim, faduighim, bainim as, tairngim do, luighim, fásaim, teannaim; dréachtaim, beartuighim; leagaim; treascraim, bainim breis as. Síntear orainn an biadh, tá sé ina ocras orainn: tugtar dúinn é. Shleamhnuigheas san tsioc agus síneadh go breágh, galánta ar m'fhaid is ar mo leithead me: treascaradh: leagadh, agus mo ghéaga uaim amach. Is cuma leat, dréir dheallraimh, cá sínfear léd ghéagaibh: cá n-adhlacfar thu. Ná sín ar an bhféar glas, gheóbhfá fuacht go tapaidh air: ná luigh air. Sínimís fén mbóthar, a bhuachaillidhe: scaoilimís fé: gluaisimís. Sín fút annsan go maidean: luigh, cuir fút chun sosa is codlata. "Bír an-bháidheamhail liom" – "cad n-a thaobh ná beinn, níor shín mo ghaol ró-mhór fós leat": níor scaras amach uait i bhfuil. Choidhche ní bheadh na laimhne sin oireamhnach duit, ní shínfid pioc: ní thiocfaidh asta. Shíneamair ár mbeart líonta soir agus ó thuaidh leis an ngaoith: chuireamair amach ina sraimín nó ina sraith, ar a bhfaid go léir. Shín sé a mhuineál go bhfeicfeadh sé an imirt de dhruim an tsluaigh: theann sé é: thairng nó shearr sé an fhaid a raghadh sé. Sín do chosa, gaibh amach: siubhaluigh is suaidh do chorp. Sínfir do chliathán níos fearr léd ghnóth más fonn leat aon rud fóghanta do dhéanamh: teannfair do ghéaga lé hobair: bainfir asat féin é. Dá síneadh do mhuinntir bata nó slat leat as t'óige bheadh malairt béas indiu agat: dá gcuiridís smacht ort. Ar mh'anam gur síneadh biadh leis agus a rian san air: gur tugadh a leór-dhóthain lé n-itheadh dho. Seo ag bagairt orm é, dá bhfeictheá é mar shíneadh sé a dhorn liom: thómhaiseadh: chuireadh suas lém phus é. Sín an riaghail leis sin féach cad é an fhaid atá ann: tómhais é. Sín do shúil feadh an fhalla san: an bhfuil sé díreach?: tómhais léd shúil: leag do shúil go cruinn, díreach air. Sín suas liom: tair ar chóimhrian liom: táir chómh fada chun cinn liom. Sín síos liom: luigh ar t'fhaid go léir lém thaoibh. Shín sé den gcéad bhuille me: chuir ar lár: threascair. Sín siar duit féin is codail, luigh go seascair ar t'fhaid. Cá gcodlóchad? níl aon áit annso agam go sínfinn: go luighfinn; go sínfinn mo cheann tharm: go luighfinn chun sosa. Shíneadar ar an dtéid chómh maith agus chómh tréan agus bhí ina gcroidhe, ach má seadh níor bhaineadar aon bhogadh as an ndream eile: thairngeadar is luigheadar a neart. Sin é, sín siar ar an obair: stad di. "Sín amach do lámh", ars an máighistir liom, agus thairng sé stiall uirthi: searr amach díreach

ód chorp í. Sín chun a hata: árduigh do lámh ina threó chun beartha air. Shín an tsean-mhiúil fén ualach orm: luigh sí: dhiúltuigh sí de é d'iomchar céim eile. Is í an lámh a síntear a cáintear: an té is mó a thugas i gcarthanacht nó i ndéirc is é is mó go bhfaightear locht air. Cé uaidh gur shín an mianach ann, é do bheith chómh fial agus gan éinne eile a bhaineas leis mar é?: gur shíolbhuigh. Ní shínfidh cruadh-obair agus caol-bhiadh do shaoghal: ní chuirfidh i bhfaid é. Sín gan biadh: téighir a chodladh id throscadh. Do shín an bóthar rómham amach: bhí sé ina stríoca os chómhair mo shúl uaim i gcéin. Nách mór mar theastóchadh ón dtáilliúir go sínfeadh sé a lámh chughat: go ndéanfadh éadach duit. Dhearbhuigh gur shín sé léi: gur chodail in aon leabaidh léi. Ar an bhfuadar atá fé mara bhfeabhasuighir do chuid oibre, sínfidh sé tharat: sáróchaidh ort: raghaidh chun cinn ort. In ionad rud éigin do dhéanamh do féin lá aoibhinn mar é seo síneann siar leis an ngréin: luigheann: caitheann é féin ar an dtalamh go díomhaoin. Shín an ghaoth siar ó thuaidh tar éis na báistighe: do dhruid sí san treó san. An bleaigeárd shín sé bannlámh dá theangain amach fúm: chuir sé amach í an fhaid do thiocfadh sí. Chómh fada lém chuid-se dhe, sín siar is faigh bás: luigh is ná déin aon rud chun do chothuighthe. Ambáireach sínfear amach láthair an tighe: scartfar is léireófar an áit go dtógfar é. Ní raibh an oiread gaoithe ann is go sínfeadh na seólta: go dteannfaidís. Sínidh leis an gconntabhairt, a fheara, is ólaidh: druididh ina cómhgar. Ní fhéadfainn é, ní shínfead mo lámh im phóca choidhche airís do: ní chuirfinn chun ruda do thabhairt do. Do shín an gála úd go maith ar an gcuan, do bhí barra geal ar gach pioc de: do luigh. Sínfidh an gannchar na daoine: cuirfidh chun báis iad. Tá an óige aige, bí foidhneach, sínfidh seisean fós: fásfaidh sé. Shín an ghorta cuid mhaith: mhairbh. Dar shín rómham leis na céadtaibh bliadhan táid sínte san roilig sin: dá dtáinig romham. Sin an plúr, is deacair é d'fhagháil fé láthair: déin bainistighe air. Chuir sé síos ar ar shín roimis: d'áirmhigh sé tréithe is bearta a shinnsear do.

sinín: *f.4.* sine beag. Níl sinín bunóice aice: cíocha an-bheaga.

sinireacht: *b.3.* Bí géilleamhail don mnaoi bhoicht tá an tsinireacht aice: an tsean-aois is a leanas í. Ag dul i sinireacht ag dul i ndonaireacht: ag tréigean lé teacht na mór-aoise.

sinnsear: (**sinsear, sínsear**) *f.1.* an treabhachas ó n-ar shíolbhuigh duine; sraith sean-athrach is sean-mháthar; an duine is sine; ceann, taoiseach, ceap. Glanann an baiste ó pheaca an tsinnsir sinn: an peaca a dhein Adam agus Éabha. Neach dem shinnsear ní mhaireann lé fada: na daoine ó n-ar shíolbhuigheas. Tá ár ndaoine san áit seo leis na seacht sinnsearaibh: le seal i bhfad i gcéin. Sin é an droich-ghéag dá mbeadh aon chúis aige ort, chasfadh sé do sheacht sinnsir leat: a dtáinig rómhat go bhféadfadh cunntas do thabhairt ionta. Sid í an eaglais shinnsir: a bhí ag na glúinibh gaoil a tháinig rómhainn. Beidh na sluaighte bailighthe ann idir shinnsear is shóisear: an dream is sine agus is óige. Adam sinnsear na cinidh daonna: an ceap: an ceann. "Agus cuimhneócha me ar a son san connradh a sinnsear noch a thug me amach as chrích na hÉigipte a radharc na ngeinteadh, ionnus go mbeinn im Dhia aca; is misi an Tighearna" (Lebh. XXVI. 45): an margadh a deineadh leis an ndream a tháinig rómhaibh. Mise sinnsear an mhuirir cé nách me ceann an tighe: an duine is aosta is gan aon bhuannacht riartha agam. Ní mar a chéile in ao'chor sinne chun maireachtana is an sinnsear rómhainn: an ghlúin rómhainn. Sinnsir roim Pheáirneill dob eadh é: na bliadhanta buana: glúine tagtha is imthighthe.

sinnsearacht: (**sinnsireacht, sínsireacht**) *b.3.* aiste bheith aosta, nó níos aosta ’ná cách; seandacht; geinealacht; craobh gheinealaighe; seal fada, glúine; craobh-scaoileadh daoine is rudaidhe atá imthighthe; sean-aimsireacht. Má tá sinnsearacht uait, téighir chuige siúd, tá sean-rátaidhe an domhain uile bailighthe isteach ina chloigeann: craobh-scaoileadh ceart ar dhaoinibh is ar a n-imtheachtaibh sa cheanntar lé cian siar. An bhfuil aon tsinnsearacht agat ar leanbh mór fhána?: an bhféadfá aon rud a innsint mar gheall air? Na púicínidhe cloch, is na húnacha so fé thalamh is na caisil atá go flúirseach ann tá sinnsearacht ag baint leó dá mbeadh sé ar eólas againn: seanchas. Thabharfadh sé an dá lá dhéag agus a shaoghal ag sinnsearacht gan deabhadh ná fuirse air: ag cainnt ar dhaoinibh atá imthighthe is a mbearta. Bímís ag gluaiseacht, gheóbhaimís sinnsearacht go maidean: cainnt ar rudaidhibh atá thart. Madra gan sinnsearacht ní leigfí i gcomórtas é: nár bh’fhéidir a ghlúine geinealaighe do bhreacadh. Ná déin aon tsinnsearacht orm, fág mo mhairbh ina suan: ná crom ag cainnt ar na daoinibh a tháinig rómham. Fágtar mar atá an rud atá mar sin lé sinnsearacht: leis na ciantaibh. Más ar shinnsearacht de, shíneas-sa ó threabhachas chómh maith agus chuir cos i mbróig: do chur na ndaoine a tháinig rómhainn i gcomórtas lé chéile, etc. Ná téighir ar shinnsearacht in ao’chor, labhair orm féin: ná bí ag tagairt dos na daoinibh a tháinig rómham ná dá ngíomharthaibh. Gustal gan sinnsearacht atá aca: fáslaigh seadh iad agus ní furaiste é d’iomchar. Tá an talamh agam de shinnsearacht: óm muinntir anuas leis na ciantaibh. Sinnsearacht ní ghabhann ceart i dtír do gabhtar lé neart: ní bhíonn aon mheas ar fholaidheacht: buailtear cos ar an ndream gur chóra dhóibh í dréir dúthchais. Scaoilfear do shinnsearacht mara n-imthighir: cuirfear síos ar mhí-bheartaibh an dreama a tháinig rómhat. Is táire droich-fhear a dheagh-shinnsearacht: is mó go mór é a mheas toisc é do bheith de dhaoinibh maithe.

sínséar: *f.1.* plannda go mbíonn boladh cumhra, géar uaidh agus a fhásas i dtíorthaibh teó. Arán sínséir: go gcuirtear a bhlas air.

sínte: *a.r.* luighte, leagtha, searrtha, faduighthe, treascartha, marbh, scriosta, ar lár. Sínte ar a leabaidh leis na bliadhantaibh: gan bheith ábalta ar í d’fhágaint lé hiomard éigin. Budh bhreágh an marbh sínte amach: fé chlár: réidh lé n-a thórramh. “Is obair an lae sin roimpe sínte”: lé déanamh aice: beartuighthe. Níl aon rud ach an tigh a bheith sínte amach: deilbhthe: scartuighthe: an fotha leagtha. Gach rud atá lé déanamh againn beidh sínte amach aige dhúinn: leagtha: beartuighthe: léirighthe. Thug sé uair an chluig go maith sínte amach annsúd ar chródh na himeartha tar éis a threascartha: ar a fhaid is ar a leithead gan ann éirghe. Cad n-a thaobh gur bhuailis é? tá sé sínte agat: treascartha agus b’fhéidir marbh. Suidhte go seascair cois claidhe lá gréine is mo hannlaidhe sínte agam: searrtha: iad uaim: díreach: mé ar mo shástacht ann. Bíodh leis an turas so, ach cuimhnigheadh sé ná fuilim-se sínte fós: treascartha: marbh: tá teacht aniar fós ionam. Ó! tá capall aca sínte: ar lár: leagtha sa rás. Táir sínte lé fear maith: i gcómhar leis. Ní rabhas ach sínte nuair dhún mo shúile: luighte. Tá muinntir an tighe seo sínte fós: gan éirghe. Is breágh é a shaoghal sínte ar a fhaid is ar a leithead mar bheadh bacach a chaithfeadh a mhála dhe: fuar, glan díomhaoin. Sínte siar ar a chraodó dhó féin a chaitheann sé an lá: ina shliasta gan aon rud ag déanamh mairge dho. Dá fhaid é sínte léi, níl an aithne cheart aige uirthi: pósta léi. Fear scafánta, sínte go bhfuil ceól ann: líomhtha, lúbach, éascaidh. Bhíos sínte aige ar fhleasc mo dhroma i gclais agus ní fhéadfainn do chur dhíom: me ar fhaid mo dhroma. Bhí an doircheacht sínte ar an dtalamh ar fad im thímcheall ach amharc

aon ruda agam ach soillse ag glioscarnaigh thall 'sabhfus mar bheadh réilthínidhe: luighte: tuitithe ina bhrat. Cad tá sínte anuas ort lé tamall ná faghann éinne blas ná dath ort: tagtha is stadta. Cuir sínte lé chéile iad: ar a bhfaid lé hais a chéile. Rud éagconnta mar é is breágh leis bheith sínte suas lé lag-staigínidhibh na mbailte móra: d'iarraidh bheith ina gcómhluadar. Dá mbeidís sínte suas lé chéile ní mór an bhreis a bheadh aca ar a chéile: tómhaiste: in iomarbháidh, i gcomórtas, ar a dtásdáil. Ar bhfeicsint dom cé hiad go raibh sé sínte suas leó, níor fhéadas gan scartadh ar gháiridhe fé n-a chlódhchas: na daoine go raibh sé ag déanamh coidrimh leo. Éirigh, is ná bí sínte id shliasta annsan: caithte siar go neamh-aistearach. Sínte le hais a chéile sa roilig: ar a bhfaid in athchomaireacht a chéile. Mara mbeadh an áit bheith chómh sínte lé farraige ní bheadh sé chómh scéirdeamhail: buailte taobh ar thaobh. Ná bíodh aon iongadh ort me do bheith báidheamhail leó, níl mo ghaol ró-shínte fós leó (uatha): searrtha: i bhfad amach. An dá bhaile sínte lé chéile: buailte i dteorainn. Nách dóigh leat ná go bhfuil an costas sínte a dhóthain agus gan bheith ag congbháil beathuighthe air: fairsingthe. An lámh shínte an lámh go bhfaightear an locht uirthi: beidh duine éigin mío-bhuidheach i gcómhnaidhe, dá fheabhas beifí leó.

sínteach: *a.* fada, fairsing, árd, tabharthach, fial; rud a shearrfadh nó b'fhéidir do shearradh; duine nó rud a bheadh sínte. Seachain tu féin air, tá géag shínteach aige: a shroichfeadh i bhfad: a bhainfeadh sásamh amach dá fhaid a raghadh gan cúiteamh. Riamh tá an lámh shínteach de bheith air, níor scaoil naoidh déirce tharais riamh: carthanamhail. Buachaill sínteach atá ann, níl neach dá dhreatháchaibh chómh hárd leis: fás mór fé. Ní daradha sínteach é ar chuma éigin, agus mar sin níl iascamhail: ní ritheann sé dá fhaid. Rud sínteach atá i robar: tagann as: searrann sé lé tairng nó teannadh. An lá bheidh sibh ag imirt linne, sinne na buachaillidhe dhíbh a dhéanfaidh síntigh dhíbh: a threascróchaidh sibh. Gheóbhair amach fós gur síntighe de bhlúire éadaigh é seo 'ná an ceann eile: gur iomdha an mianach tabhartha atá ann.

sínteán: *f.1.* gléas go n-iomcharófaí duine air a bheadh goirtighthe nó breóidhte; áit lé síneadh air mar iomdha tocht síos, etc. Chodluighinn ar leabaidh shínteáin sa bhóthán anairte: leabaidh déanta de fhráma adhmaid agus d'anairt dob fhéidir do scur is do chonnlach. Caith thu féin ar an sínteán san: iomdha: tolg: ball troscáin gur féidir luighe air: leabaidh. Is ró-chruaidh é do shínteán: an stól san an áit lé síneadh nó luighe air chun codlata.

síntiús: *f.1.* cantam a tugtar lé toil i gcarthanacht, chun cónganta etc.; áirighthe airgid lé díol go tráthamhail as pháipéar, leabhar nó eile; suim. Fear carthanamhail atá ann, tugann sé síntiús mór ar son ósbuidéal agus na mbocht gach bliadhain: suim airgid. Púnt sa mbliadhain an síntiús don bpáipéar: an méid is gábhadh ina chóir. Síntiús ana-bheag atá sa bhannc agam: suim bheag. Lé hárd-thafant is meallaireachta fuaireas an síntiús suarach so tobac: an t-adhbhar: an roinnt. "B'fhéidir", arsa fear an tarta, "go ndéanfainn fiacha na dighe trí shíntiús": beagán uaidh seo agus beagán uaidh siúd. Cad é an síntiús focal atá scríbhte ó mhaidean agam id thuairm: méid. Dá mbeadh an tigh ag braith ar do shíntiús-sa bheadh thiar air: do sholáthar. Fuair sé síntiús maith des na fiachaibh uaim, ach tá a thuilleadh amuigh fós aige: roinnt: ádhbhar. Maireann sé ar an síntiús, an bochtán: mar

tugtar do. Tá do shíntiús fachta agat-sa, gread as mo radharc: do chuid: an méid a bhí ag dul duit. Síntiúsaidhe na gcarthanach coimeád an ósbuidéil: airgeadaidhe.

síob: *f.3.* marcaidheacht. Thugas síob don rud beag ar an asailín: marcaidheacht ghearr. An bhfaighead síob 'on bhaile mhór id ghluaisteán? Is maith liom seódh chómh maith lé duine ach ní maith liom éinne bheith ag síob ar fad orm: ag marcaidheacht: ag déanamh pé nidh is maith leis liom. Táir ar síob ag an ndiabhal: ar a thoil aige.

siobháinín: *b.4.* ainm baineannaigh; Siobhán bheag, duine beag suarach; an t-éan go dtugtar an bunán air. Siobháinín bhuidhe. An gcloisim Siobháinín ag labhairt?: bean nó gearrchaile bheag, neamh-thoirteamhail go nglór lag.

Siobhán: *f.1.* ainm baineannaigh. Síodaidhe ar Shiobhán is preabáin ar a hathair: gach rud dá fheabhas ar an bpeata tóirtéiseach inghine is an aindeise ar an athair ná bíonn nósmhar go leór dá chlainn.

síobhróir: *f.3.* (**sibhthreóir**) duine beag suarach is cuma an tsidhe air, go mbíonn sinnsireacht mór-chuid aige, a dhéanfadh rudaidhe ná beadh coinne ar bith agat leis. Ní fhágann sé cúinne na teineadh, tá sé ina shíobhróir ann leis na ciantaibh: aerach, sidheamhail: budh dhóigh leat nách leis an saoghal so é. Bhíodh síobhróir sa rang ar scoil againn, agus ní hamháin go mbeadh gach freagra ar bharr teangan aige ach thagadh cainnteanna uaidh mar thiocfadh ó sheanduine: seandraoi beag. Cad as go dtáinig an síobhróir san?: duinín suarach ná beadh aon tsúil agat a leithéid do bheith ann in ao'chor. Is é Pidí an síobhróir is fearr annso, d'inneósadh sé imtheachta na háite dhuit leis na fichididhbh: is sia siar cúnntas is cuimhne ar rudaidhibh a thárlaidh nách éol do neach. Éist, tá síobhróir ar fad ag déanamh díot: duine go mbíonn a smaointe is a labhartha ar dhaoinibh is ar a n-imtheachtaibh. Síobhróir leinbh ar an dteinteán ann: nár fhás is go raibh cuma seanóra tagtha air roim am. Éist-sa do bheál, a shíobhróir, tá an iomad cainnte agat ná baineann leat: duine meathluighthe nó fíor-óg a sháidheas a cheann i rudaidhibh.

síobhróireacht: *b.3.* (**sifreóireacht**) sínsireacht, sean-aimsirseacht ó dhuine nách dual í; mion-thagairt do rudaidhibh budh chuibhe d'fhágaint marbh. Chaithfeadh an bheirt sheanbhan an lá ag síobhróireacht, gan fonn tighe ná áite ortha: ag cómhchainnt ar na cómharsannaibh, ar shean-rátaidhibh. "Chuala Tadhg ghá rádh go raibh leanbh tabhartha ag duine det shinsearaibh" – "tá síobhróireacht aige, is í is fearr atá": tagairt do rudaidhibh seanda nách pioc dá chúram. Ná déin a thuilleadh síobhróireachta ar an gcúrsa, tá go leór ráidhte ina thaobh: ghá mhionughadh go ró-mhór. Ag déanamh síobhróireachta ar shaoghal a n-óige: ag trácht ar rudaidhibh atá imthighthe nó nách mór an mhaith bheith ag déanamh aithbheódhachtana ortha.

sioc: *f.3.* aiste sin na haoráide go ndéineann leac oighir, reódhadh. Tá an oidhche ag cur sheaca: sioc ag tuiteam: tá sé ag reódhadh. Déanfaidh sé liathróid sheaca anocht: sioc éadtrom cruaidh. Ní lugha liom an sioc ná lucht suainseáin: ní thaithnighid in ao'chor liom. Tá an bás agam, tá gach aon phioc díom chómh fuar leis an sioc: mar bheadh an leac oighir. Chómh tréith lé sacán seaca: an sacán bhíonn gan aon tseasamh ann leis an sioc. Sioc liath, dubh, oidhche, lá, maidean, aimsir sheaca. Prátaidhe etc. seaca: go

dtéigheann sé ionta. “Mar so do bhí me; san ló do sheargaidh an tiormach me, agus an sioc san oidhche, agus do dhealuigh codladh rem shúilibh” (Gen. XXXI. 40). Féach sa tsioc ort má tá fuacht indiu: lá (breágh) mar é seo agus connus bheadh agat in aimsir fhuar. An sioc go mbeiridh ort!: go reódhair. Díogh gach síne sioc: an aimsir sheaca an aimsir is measa. Treabhadh seaca nó fuirse báistighe: iarrachtaidhe gan mhaith. Olc sion sioc, is fearr sioc ’ná sneachtadh, agus is fearr sneachtadh ’ná síor-bháisteach. An ghaoth anoir bíonn sí tirim is cuireann sí sioc ist oidhche.

siocadh: *f.* (*-ctha*) do thiormughadh, do sheargadh, chruadhadh, d’fheódhadh; bheith chómh fuar san go ndéanfadh leac oighir d’uisce; lacht do chruadhadh, do théachtadh; rud dlúth go mbeadh fliuchra ann nó ina thímcheall do chruadhadh; do cheangal go docht trí fhuacht. An fuacht go mór san ann go raibh na héanlaithe ag siocadh des na neadachaibh: ag ceangal go dlúth díobh. Tá creathaidhe fuachta orm tá sé ag siocadh anocht: chómh fuar san go bhfuil leac oighir ag déanamh den uisce agus gach aon taisireacht ag cruadhadh. An aimsir chómh dian san go bhfuil gach aon rud ag siocadh léi, ní fhéadfadh ainmhidhe a phus do bhualadh ar ruibe féir: ag seargadh is ag feódhadh.

siocaidhe: *f.4.* duine nó toradh go ngoilleann an fuacht go ró-mhór air. Dhéanfadh siocaidhe dhíot ag feitheamh leis an nduine silte sin: stalctha leis an bhfuacht. Siocaididhe prátaidhe tar éis an tseaca mhóir úd ná féadfadh neach iad do bhlas: seargtha casta ar a chéile. Druid isteach leis an dteine ná bí id shiocaidhe annsan: mar dhuine go mbeadh an t-éag dulta ina chroidhe leis an bhfuacht.

siocaim: *b.a. 7 n-a.* seargaim, dreóghaim, ruadhaim, cruadhaim lé fuacht. Ní shiocfaidh sé anocht tá an ghaoth ón bhfarraige: ní dhéanfaidh leac oighir den uisce: ní chruadhfaidh rud go mbeadh taisireacht air. Beir a fhaid ag feitheamh leis is go siocfair: go silfir leis an bhfuacht. Siocann mo chuid fola lé gráin air: fuarann sí: tagann gráinidheacha uirthi. Le stoirmeacha na farraige siocann an féar ar an dtalamh annso: ruadhann, feóigheann sé: seargann.

siocair: *b.5.* fáth, cúis, ócáid, leathscéal. Tusa cinn-tsiocair an chlampair seo uile go léir, gleódh ná achrann mara mbeadh thu, ní bheadh ann: bun is préamh leis. Ní raibh aon tsiocair aige lé hé do dhéanamh, mhairbh sé as fhuil fhuar an duine: aon rud a spriogfadh chuige é. B’é an droich-dhéanamh do fuair siocair báis do: tuar.

siocaire: *f.4.* meathalán, suarachán. Aon rud choidhche, áth ná ealadha ní bhfaghfá ar an siocaire diabhail sin: cníopaire: duine sprionnlaithe. Nuair chonnaic sé an siocaire duine ná raghadh puinn thar n-a ghualainn air agus an clódhchas chun bruighne a bhí ann níor fhéad sé gan scartadh ar gháiridhe fé: meathalán: luthragán.

siocamhail: *a.* cruaidh, fuar. Aimsir, oidhche shiocamhail: nimheamhail: an-fhuar.

siocamhlacht: *b.3.* fuacht, fuaire; ar aiste seaca do chur. Chómh luath agus chuireas an mhalairt éadaigh orm bhraitheas siocamhlacht ann gur chritheas: fuaire. Aon fhás níl ar aon rud lé siocamhlacht na haimsire: a fuaire.

siocán: *f.1.* sioc, aimsir sheaca, sioc cómhnaidhtheach; talamh cruaidh ón sioc, saghas smólach is brollach dearg aice go ngoilleann an sioc go ró-mhór uirthi; cníopaire. Chun treabhtha ní maith ina shiocán ná ina phlobán é: é cruaidh ina bhalc ón sioc nó ina láthaigh ón mbáistigh. Is uathbhásach an geimhreadh siocáin é: seaca: an talamh cruaidh leis i rith na haimsire. Goillfidh an siocán ar na teornapaidhe is lobhfaid: sioc. Tá an siocán ag dul an-dhian orainn chun bóthair: an sioc cómhnaidhtheach nách féidir gluaiseacht aige. Fé dheireadh na himeartha bhíodar chómh tnáidhte sin ge n-a chéile go rabhadar ag tuiteam ar nós na siocán (sacán): gan aon duadh: go lag-bhrigheach. Siocán duine atá ann dá thoirt is dá dheallramh, níl fulang ná seasamh ann: duine ná féadfadh mórán duaidh d'fhulang. Bheith ag braith ar an siocán san chun síntiúis do thabhairt uaidh, ná feicfeadh a chroidhe ar a bhais aige, tá fuar: cníopaire, sprionnlóir.

síodh: *b.2.* ₇ *3.* meall, tulach, tuaim, carn, cnocán "daoine maithe". Réidh-chnoc mná sidhe: bean sidhe. Fic "**sidhe**".

síodh-: *i gcfbh.* fé dhraoidheacht, ag baint leis na "daoinibh maithe". An tsíodh-bhean mhilis, mall-ruisc de dhraoithibh cearta an cheanntair ag síor-chur síos gan amhras ar sheanchas: ina laoidh. Níl síodh-bhruinneall annso ach í: bean thaithneamhach. Níl aon oidhre air ach síodh-chonán, gan oiread luthragáin ann is ná tabharfadh an pobal gearr-aighneas do: ruidín suarach mar fhágfadh na daoine maithe ina iarlais againn. Is deacair buadhachtaint air, bhainfeadh sé síodh-cheól as an ngléas: ceól draoidheachta. D'árduigh síodh-ghaoth éigin chun bóthair uaim é ná fuil fagháil air: gaoth dhraoidheachta.

síoda: *f.4.* gréasán déanta de shnáithín mhín a fachtar ó mhaolodharaibh áirighthe. Tomás an tSíoda: an éadaigh ghreanta. Cuirfead síodaidhe is sróll ort: éadaighe dá fheabhas adhbhar. "Do ghní sí dhi féin foluighe do obair shnáithide; is síoda agus purpair a héadach" (Seanráidhte XXXI. 22). Éadach ar nós an tsíoda: an-mhín. Beir chómh mín lé síoda aige sara stadfaidh sé dhíot: socair: smachtuighthe. Labhrann sí leis chómh mín lé síoda nuair theastuigheann aon rud uaithi air: go lághach, miochair. Cuir síoda ar ghabhar agus is gabhar fós é: ní athróchadh culaithirt dá fheabhas an té ná bíonn an mianach ceart ann. Síoda ar mhuic éadach maith do chur uirthi: ní thuigeann sí connus an meas ceart do bheith aice air. Lucht síodaidhe níl gnóth ag duine bocht chúcha: gabhtha go galánta.

síodaidhe: *f.4.* gruagach, duine fé dhraoidheacht, duine soilbhir. "Dhéanfad capall díom féin", ars an síodaidhe, "agus léim ar mo mhuin go dtugad go dtín áit thu": gruagach: duine fé dhraoidheacht. Ar nós an tsíodaidhe d'imthigh uaim, gan fios cér bh'é, cár bh'as é, ná cá raibh a thirall: duine nách ón saoghal so. Deirtí go gcómhnuigheann síodaidhe ins an lios chéadna, agus gur bh'fhéidir leis aon aisce do thabhairt duit dá mb'áil leis é: ceannsa an tsluaigh sidhe. Gluaiseann sé ar nós an tsíodaidhe: chómh luath lé gaoith. Síodaidhe beag leinbh nár tháinig crot ná clódh riamh air: truaghán mar fhágfadh na daoine maithe ina ndiaidh. Chaithfinn mo lá is mo shaoghal i bhfochair an tsíodaidhe seo, níor chuala riamh scéalta ná eachtraidhthe chómh blasta ná cuideachta chómh suairc: duine soilbhir, taithneamhach. Bheadh an síodaidhe sin annso anois is i gcionn leathuaire bheadh 'na mílte ó bhaile: duine a ghluaiseas mar bheadh fé dhraoidheacht.

siodairiam: *f.1.* dlúthas, tadhall mór. Má tá an ghannchúis féin anois orainn beidh siodairiam des gach aon nidh fós againn: flúirse. Luigheadar leis an ól agus chuireadar siar siodairiam de sarar scuireadar: mórchuid.

síodamhail: *a.* ar nós an tsíoda, mín, modhamhail, soilbhir. Cuimil do bhas dá chneas, nách síodamhail atá sé: mín, sleamhain. Toisc gur ag lorg atá sé is nách ag lorg air atáthar beidh sé síodamhail leó: cneasta, lághach. Chómh héascaidh agus ritheadh an daradha síodamhail a bhí aige chun na mbreac: daradha an-mhín, an-shínteach.

síodamhlacht: *b.3.* aiste bheith síodamhail, mín, neamh-gharbh. Buail do lámh air sin agus braith a shíodamhlacht lé cneas dhuine: míne: sleamhaine agus breághthacht cuimealtha Dé. Níl aon amhras ná go bhfuil síodamhlacht ina glór: lághaiche, muinnteardhas: soilbhreacht chainnte.

síodhbhradh: *f.1.* leanbh nó duine leice, éiglidhe go mbíonn cuma is iomchar seandraoi fé. Éist, a shíodhbhraidh: a ruidín shuaraigh dhearóil. Déanfaidh síodhbhradh díot má bhír tugtha d'fhanacht it aonair sa tigh sin gan gabháil amach ameasc na ndaoine: cuma chríonna neamh-ghnáth, choimhtheach do theacht ort. Ag teacht chugham it shíodhbhradh an dtacaid seo d'oidhche: duine beag meathaluighthe gan cuma saoghalta air.

síog: *b.2.* *7* *3.* stríoca, rian, riabh, riasta. Gaoth atá ar na síogaidhibh sin atá sa spéir laistiar: rianáin éadtroma, bhána scamaill ar aghaidh na spéire. "Agus do ghabh Iacób chuige slata glasa de chrann critheach agus do chol agus de chrann cnó bhFrancach, agus do rinne síoga bána ionta, agus tug ar an mbán taisbeánadh do thabhairt uaidh, noch do bhí annsna slataibh" (Gen. XXX. 37): riastaidhe ar malairt datha leis an gcrann. Éadach go bhfuil síog ghorm tríd: stríoca, snaithínidhe gorma ar malairt datha leis an gcuid eile. "Méisín chúmtha chámtha, síog ina lár agus a tón anáirde": rian, riasta. Plúr ná fuil ró-mhaith atá ann, tá síogaidhe thríd: línte fada neamh-ionann ná fuil an dath ceart ortha ná an plúr chómh maith. Síog dearg san ubhall: rian mar thairngeófaí lé peann. Bíonn síog anuas ar dhá shlinneán asail: stríoc fada dubh. Rí gach datha ar domhan an capall buidhe ina mbeadh síog ina dhrom: rian fada, caol ar malairt datha lé buidhe. An méid bheag treabhtha a rinneadar tá sé ina shíog trí lár na páirce: ina stríoca dearg, an chuid eile bán.

síogach: *a.* riastach, rian, riabhach; leisceamhail, díomhaoin. Spéir shíogach cómhartha gaoithe: scamaill fhada, chaola mar bheadh stríocaidhe treasna uirthi. Éadach síogach, stríocaidhe caola tríd ar malairt datha leis an gcuid eile dhe. Éan síogach seadh an riabhóg: stríocaidhe trí n-a cuid clúimh. Ní mór an mhaith bheith ag braith ar dhuine shíogach mar é go mbeidh sé in am: siléigeach. Tá sé chómh síogach lé duine, geallaim dhuit, ní mór an deabhadh bhíonn air lé n-a ghnóth: leisceamhail, failligheach. Síogach dearg: stríocaidhe dearga.

siogairlín: *f.4.* (**sigirlín, sligirlín**) scoth, crochadán, aon rud a bheadh ar sileadh; seód chrochta. Máirnéalaigh as thír éigin dheóranta go raibh sligirnínidhe ar crochadh as a gcluasaibh: fáinnidhe, etc. Glór ag sigirlínidhibh ar sileadh as ghléas an chapaill: rudaidhe práis mar órnáididhe.

síogamhail: *a.* riastach, riantach. Iasc síogamhail seadh an maircréal: lán de stríocaidhibh ar malairt datha. Éan síogamhail atá insa riabhóig: stríocaidhe innte. Prátaidhe síogamhla ní maith lé n-itheadh iad: réanna glasa.

siogarlach: *f.1.* séithleach, ocrach, silte, léirighthe. Siogarlach bocht de cheal a choda féin: bocht, caol, caithte. Déanfaidh siogarlaigh de dhaoinibh má leanann an cogadh so air de dheascaibh a ndóthana bídh: beid seirgthe ocrach. Siogarlach de bhuachaill gan spiota fiadha air: rud caol, árd.

síol: *f.1.* an chuid de phlannda go mbíonn an ghein fásta ann; mórán de i dteannta a chéile; an céadthús torthamhail a bhíos ins an bhfireannach; sliocht, pór; geineóg. Síol féir: an chéad toradh den síol féin. Tá sí seo in éag níl an síol féin fanta innte: aon sméaróid dhearg d'adhanfadh í: spréidh (theineadh). Síol prátaidhe, gabáiste, etc. na cáinthidheacha beaga (gabáiste) a thugas an toradh idir phlannda is dhuilleabhar, etc. Ní fhanfaidh síol na ndaoine san áit ar an slighe atáid ag imtheacht thar lear is a luighead atá ag teacht ar an saoghal: oiread agus go raghadh fás ortha. Sinne síol na ndaoine a bhí annso céadta bliadhain ó shoin: sliocht. "Beagán clainne ag rí/ beagán síl in ithir mhéith/ beagán banbh i gcródh/ beagán bó is mórán féir": is rathamhla. "Beagán síl i dtalamh cóir beagán bó i bhféar méith/ beagán cáirde i dtigh an óil/ na trí nidhthe is fearr amuich". An síol a bhíonn caoch sa chré ní thagann sé: ná bíonn "súil" ann .i. log na péice. Is mór an nidh na síolta curtha: an bheatha bheith sa chré chun a fásta. "Agus cuirfe mise namhadas eadrad agus do bhean, agus eidir do shíol agus a síol-se, brúighfidh sé do cheann-sa, agus brúighfidh tusa a shál san" (Gen. III. 15): sliocht: clann. "...agus tabhair síol dúinn ar chor go mairfeam, agus nách bhfuigheam bás, agus nách biadh an fearann ina fásach" (Gen. XLVII. 19): an rud go bhfásfaidh beatha chughainn as. "Ní chuirfe tu t'fhíneamhain lé síolta éagsamhla; d'eagla go dtruaillfidh toradh an tsíl do chur tú agus toradh na fíneamhna" (Deut. XXII. 9): na geineóga go dtagann planndaidhe asta. Nuair stadann an síol stadann an fuirse: nuair ná bíonn an rud ann lé cur ní bhíonn aon obair ann. Ní fhágfaid síol an éisc ar thóin na mara gan réabadh: oiread agus a thabharfadh toradh chun a bhunuighthe. Síol Bhriain Bhóramha: a shliocht: a dtáinig uaidh go ngaol fola.

síolach: *a.* ar aiste síl do bheith ann, torthamhail. Níl na prátaidhe sin an-shíolach, is caoch liom na súile atá ionta: torthamhail. Bean shíolach: torthamhail: go mbeadh mórchuid clainne.

síoladh: *f.* (*-lta*) do thabhairt toraidh, do chur lé haghaidh fáis; do scaipeadh, do chraobh-scaoileadh. Ag síoladh na talmhan san earrach: ag cur na síolta (geineóga síl) lé haghaidh tortha. Bean ró-aosta chun síolta anois: thar ionbhaidh clainne do bheith aice: a cnúthacha silte aice. Ag dul thar lear ag síoladh an chreidimh ameasc na n-eiriceach: ghá chraobhscaoileadh is ghá phréamhughadh. Chun síolta achrainn ameasc na ndaoine is fearr é is ní chun síothchána: ag leathadh cainnte a dhéanfadh clampar.

síoladóir: *f.3.* curadóir, fear díolta síolta. "Agus do labhair sé mórán riú i gcosamhlachtaibh, ag rádh, féach, do chuaidh síoladóir amach ag cur an síl" (Matha XIII. 3). "Óir fa mar thig an fhearthainn anuas agus an sneachtadh ó neamh, agus nách bhfilleann annsan, acht go bhfliuchann an talamh, is go dtabhair air gineamhain agus fás, chor go dtiubhradh sí síol don tsíoladóir agus arán don té a íosas é" (Isaiah LV. 10): an té

a chuireas. Is an Márta is fearr an síoladóir: an té a leathas nó a chuireas an síol. Síoladóir tiugh, díonadóir fliuch nó bean tighe bheadh ag goid: trí saghais dhona i dtigh.

síoladóireacht: *b.3.* gairm an tsíoladóra, gnóth síoladóra. An t-earrach tráth na síoladóireachta: an t-am lé síolta do chur i gcré.

síolaim: (**síoluighim**) cuirim síol, leathaim, craobhscaoilim, préamhuighim. Ní shíolfaidh a shliocht choidhche ann ar an éagcóir atá déanta aige: ní thiocfaid chun sleachta: ní mhéadóchaid. Cé uaidh gur shíolais in ao'chor, níor bh'eól dom do shínsear sprionnlaithe mar tusa: gur shínis uaidh. Síoladh go fánach an gort: níor cuireadh mórán den tsíol ann nó ní tháinig puinn de. Is minic do síoladh áit gan toradh: gan cuireadh is nár tháinig aon bharra air. Talamh ró-bhocht atá ann, ní shíolfadh faic ann: ní thabharfadh sé.

siolgadh: *f.* (*-gtha*) ceal, in easbhaidh, ar ocras, priocadh, deascadh, bailiughadh. Táim ag siolgadh cheal tobac: ag fulang go mór. Is maith a theastóchadh bean uaidh, tá sé ag siolgadh: tá fonn gan sásamh air. Táid ag siolgadh chun bruighne: fonn an domhain ortha chúiche agus gan cao a déanta aca. Na hainmhidhthe ag siolgadh ar an staic: gan faic lé n-itheadh aca agus iad ag súil leis. Táir dhá cheal anois téighir ag siolgadh: ag lorg. Ag siolgadh san uile áit go bhfaghadh sé rud: ag lorg. Ag siolgadh ameasc lucht óil: ag braith ar dhigh d'fhagháil uatha.

siolgair: *a.* easbaidhtheach, dealbh, léirighthe. Níl ann ach rud siolgair gan fulang: léirighthe, cnaoidhte mar bheadh trí easbhaidh bídh. Táid siolgair go maith ó theip an t-iascach ortha: ganntarach.

síolgaire: *f.4.* duine a bhíos lé gorta, lé déirc, a théigheas gan a dhóthain lé n-itheadh; tnúthán. Gread as mo radharc, a shíolgaire, cad air go bhfuilir ag braith?: tnúthán: duine a bhíos ag tónghail tímcheall ag braith lé rud d'fhagháil. In ár síolgairidhibh ar an mbannc ó mhaidean is gan breac ag breith orainn: mar bheadh daoine go mbeadh cuma dhubhach, neamh-anamamhail diombáidheach ortha. Cá bhfuil a dhéanamh ná a theacht isteach ina shíolgaire sa bhothán bocht, dealbh san?: ar barrghail ocrais. Ná bí dian ar an síolgaire, cad tá aige ach mar gheibheann sé ina charthanacht?: duine lé mír is lé déirc. Ghom chongbháil annso im shíolgaire ar feadh leath an lae ag feitheamh leat: mar bheadh duine gan bhrigh.

síolgaireacht: *b.3.* ag braith go faon ar rud a bhíos mall ag teacht; lé leathghorta; do dhéanamh ruda ina chuid is ina chuid go neamhshásamhail; lé déirce. Is fada ag síolgaireacht leis an ngort san sibh: ag gabháil de go neamh-anamamhail, siléigeach. Ná congaibh ag síolgaireacht me leat: ag feitheamh is gan tú do theacht orm. Ag braith ar an síolgaireacht ataoi riamh: mion-fhagháil. Ná bí ag síolgaireacht leis an mbraon san ach árduigh siar ort féin é: ag blaistínteacht go neamhmheisneamhail nó ag goradh air. Táim ag síolgaireacht leis an ocras is gan súil lé biadh agam: faon, lag: tuiteam as mo sheasamh. An oidhche do chaitheamh ag síolgaireacht, ní raibh aon deallramh leis: ag súil lé hiasc is gan aon tseilg dhá dhéanamh. Ag síolgaireacht ó tigh tábhairne go tigh tábhairne: ag dul is ag tnúth ar dhigh. Fágadh ag síolgaireacht annsúd cois an dorais me gan éinne do thógaint ceann díom: ag feitheamh is ag fulang. Sin mar táir riamh ag síolgaireacht ar na daoinibh gan aonnidh agat féin: ag braith ortha is ag tnúth lé rud uatha.

“Connus tá ag éirghe leat sa tsiopa nuadh?” – “ag síolgaireacht”: d’iarraidh maireachtaint go cruaidh. Tá deireadh síolgaireachta anois againn, ó tá ár ndóthain againn: d’iarraidh an taois do bheith leis an oighean againn: ag braith ar chaol-chuid.

siolgar: *f.1.* ag maireachtaint ón láimh go dtín mbéal. Ag siolgar atáid na daoine bochta riamh ná feadair neach ach Dia connus mar mhairid: ar an gcaol-chuid: gan aon teasbhach ortha. Ó theip an t-iascach ar mhuinntir an oileáin cad tá aca ach an siolgar, tá a slighe mhaireachtana imthighthe uatha: ón láimh go dtín mbéal: ag maireachtaint ar chuid an lae. Ghaibh an siolgar tríotha d’iarraidh an anama do chongbháil beó d’aindeóin caolchoda.

siolla: *f.4.* fuaim nó cómhfuaim in aon; puth, amharc, súil-, mear-, strac-fhéachaint. Níl an oiread agus siolla asat anocht, cad tá tagtha ort?: fuaim, focal: neamh-chainnt. Chúbas roim siolla dá shúil bhí an oiread san binbe ann: súil-fhéachaint. Ar ghaoith áirighthe bíonn siolla anuas tríd an simné: cam-ghaothach. Níor bh’fhéidir teacht treasna air ná é do chosc, bhí an oiread san siolla fé: sruth chainnte. Siolla dem shúil is éisteann sé, an oiread san eagla aige rómham: féachaint: leagadh súl. Ar feadh leath-uairín tháinig siolla gréine go bhfeaca uaim na caoire ar an oileán: aitreamh beag taithnimh. Scaoil siolla ceóil chughainn: ádhbhar ceóil: fonn lé fuinneamh. An siolla gaoithe atá isteach fén ndoras san leathfadh sé na cait: gaoth fhuar, fuainneamhail ag teacht caol, géar. Siolla oibre ní dhéanfadh sé dho fén ndoras san leathfadh sé na cait: gaoth fuar, fuinneamhail ag teacht caol, géar. Siolla oibre ní dhéanfadh sé do féin ná d’éinne eile: aon adhbhar in ao’chor. Táid ar siolla i rith an lae: ar dalladh ag obair nó ar ghluaiseacht. Siolla ní leigfeadh eagla d’éinne do labhairt: oiread agus glór do chur as. Cuir siolla ina chluais: tabhair cogar rúin do. Siolla níor chuala ina thaobh ó shoin: aon tagairt do.

siollaire: *f.4.* scafaire, duine a dheineas ceól nó amhránaidheacht. Siollaire breágh fir: fear taithneamhach lé féachaint air. Siollaire mná go bhfuil seasamh is breághthacht innte: bean chumasach, dhathamhail. Siollaire cuibheasach maith ar an bheidhlín seadh atá ionat: ceoltóir. Ó mhaidean gheal go dubh-oidhche leanfadh an siollaire sin air gan tuirse do theacht ar a theangain: cainnteóir líomhtha. Ní bheadh beann ag an siollaire sin ar aon chruadhtan: scafaire láidir, sláinteamhail.

siollaireacht: *b.3.* cainnt gan scur, seimint ar chuma, bualadh. Nuair bhíonn braon fén bhfiacail aige thabharfadh sé a shaoghal mór ag siollaireacht: ag cur as, fuaimeant nó gan fuaimeant. Tá siollaireacht (chainnte) agat, is í is fearr atá agat: cur asat gan traochadh. Leigeann sí don gcraolachán bheith ag siollaireacht i rith an lae: é bheith ar siubhal aice gan múchadh. Siollaireacht éigin ar siubhal do shíor aige: an dtuigeann neach agaibh é?: gleóghail chainnte.

siollánta: *a. n-dh.* talamhaidhe, fuinnte, do-chaithte, scafánta. Is é atá go siollánta fós: teann, láidir dá aois. Mara bhfuil an aoirde féin ann tá sé siollánta: talamhaidhe. Siollánta go maith nár mhór do dhuine do bheith chun na haimsire seo do sheasamh: talamhaidhe, fuilngtheach.

siollfartach: *b.2.* séideadh, seórdán, do dhéanamh glóir scórnaighe. Fuacht fachta aige thug sé an oidhche go léir ag siollfartaigh: ag déanamh casachtaighe. Ar bhreacadh an lae

dhúisigh an tsiollfartach a bhí ann me, bhí fuaim dhá bhaint as an simné aice: "balcáin" ghaoithe ag bualadh air. Caith rud éigin lé n-itheadh chun na muc san, is ná bídís ag siollfartuigh leis an ocras: ag gnúsghail: glór loirgthe aca.

síolmhaireacht: *b.2.* torthamhlacht, méineamhlacht. An uair sin bhí síolmhaireacht ins na daoinibh ná fuil anois, bhíodh lán tighe de chlainn ar gach teinteán: rathmhaireacht sleachta. Tá an tsíolmhaireacht sa talamh, thabharfadh sé aon bharra: méineamhlacht, an mianach nó bonn chun tabhartha.

síolmhar: *a.* torthamhail, rathamhail, tabharthach, méineamhail. "Ní rabhamair síolmhar" ars an lánamha, ní raibh aca de chlainn ach beirt: tortamhail. Go rabhthaoi síolmhar: mórán clainne agaibh agus ag bhur gclainn. Ní bheidh barraidhe síolmhara againn má leanann an droch-aimsir seo air: torthamhla: mór-thoraidh. Coirce síolmhar: go mbíonn cuid mhór gráinne ann.

siolpa: *f.4.* sprochaid faille nó carraige go mbeadh stad uirthe; blúire caol cláir nó iarainn i gcoinnibh falla nó eile ar coimhrian lé húrlár nó talamh chun áraistidhe etc., nó leabhartha do chongbháil. Ná tagadh siolpa ort i dtaobh na fírinne d'innsint duit: pus: clódh ar an aghaidh a chuireas in iúil gur searbh agat í. Tá siolpa gach aon lá riamh air: mío-shásamh: míoshástacht leis gach éinne.

siolpach: *f.1.* garsún teann go mbíonn bun fé; óig-bhean theann, láidir, dhúr. Chonnac ceathrar siolpach garsún ar an dteinteán ann: balcáin. Siolpach mná nár mhian liom dul chun puinn áitimh léi, ní mór ná go mbuailfeadh sí duine: bean dhúr, daingean, do-thuigseanta.

siolpadh: *f.* (*-ptha*) sughrac, diúgadh. Ní mór gur fiú dul fén mbuin ar an siolpadh beag atá aice: an diúir bheag d'fhéadfaí do chrudh uaithi lé dícheall. Is cuimhin liom tu ag siolpadh do mháthar: ag sughrac ar a cinn is tú mór, groidhe maidir lé bunóic de. Cuideachta neamh-scrupallach a thug siolpadh dho nuair fuaireadar boigéiseach é: a chrúidh é: a chaith a chuid air. Go neamh-thruaighmhéileach ag siolpadh na mbocht: ag fáscadh an uile phingne asta gan taise. Ar na ráiseannaibh is sinn beag bímís ag siolpadh ar mhaididhe siúicre go mbímis breóidhte aca: ag sughrac. An bhfuil aon tsiolpadh fágtha i bpota an té agaibh: aon diúirín in ao'chor.

siolpaim: *b.a.* súighricim, deólaim, diúgaim. Siolfaidh sé tóin na gloine, tá an oiread san dúlach air: i dteannta an braon déidheannach do dhiúgadh aiste beidh sé ag sughrac uirthi. Shíolfadh sé an soitheach: d'ólfadh go tóin go dúlmhar é. Siolp leat a leinbh: súighric leat.

siolpaire: *f.4.* diúgaire, súighriceóir. Siolpaire ar a bhrollach aice: leanbh ghá deól go mear, láidir. Siolpaire gamhna: gamhain a bhíos ag ól a mháthar. D'ólfadh na siolpairidhe sin a bhfaghaidís: diúgairidhe: dream dúlmhar in ól.

siolpaireacht: *b.3.* cnámhthairt; do shúghrac, do dheól go fuadrach. Thabharfadh sí an lá ag siolpaireacht ar mhílseán, go mbeadh sughlach go cluasaibh uirthi: ag sughrac. Ní mór an mhaith bheith ag siolpaireacht ar an mbuin, níl diúir eile aice: ag tarrac ar a sinidhibh d'iarraidh bainne do bhaint di.

síolrach: *f.1.* sliocht, pór, treabhachas. Ní fheadar an sinne síolrach an dreama a bhí annso lé linn Chatha Dhúna an Óir: sliocht: ar bh'iad san ár sínsear-na. Rath síolraigh go raibh ortha mar is maith an treabh iad: sliocht: clann agus clann clainne go raibh aca.

síolradh: *f.1.* sliocht, toradh, geineadh, siolbhughadh. Bíodh a bhfuil agam gem shíolradh im dhiaidh: mo chlann agus a gclann-san is mar sin de. Duine dá síolradh níor bhunuigh ann agus budh chóir ó Dhia san: dá sliocht: síol. Tá ár ngaol i bhfad amach ach sinn an síolradh céadna: bainimíd ó phréimh leis an sínsear céadna. Táid ar n-a síolradh go maith sa cheanntar: do leathanughadh, méadughadh: flúirsiughadh sleachta.

síolrughadh: *f.* (*-uighthe*) do chur síl, do shiolbhughadh, méadughadh. Is áidhbhéil mar tá madraidhe ruadha ag síolrughadh ar fuaid na tíre, táid ina bpláigh ar an ndúthaigh in áiteannaibh: ag dul i bhflúirsighe. D'iarraidh na bplanndaidhe seo thar lear do shíolrughadh annso: do chur is d'fhás. Gach feirmeóir ar a dhícheall ag síolrughadh na cruithneachta: ghá cur is ghá chur chun críche fásta. Ní thiocfaidh aon tsíolrughadh ortha, phósadar ró-dhéidheannach sa tsaoghal: ní bheidh aon bhreis ortha. Aon tsíolrughadh ní thiocfaidh ar na daoinibh sa cheanntar so choidhche airís, ag bailiughadh as gach aon lá dhóibh: flúirsiughadh: borradh ná breis ní thiocfaidh ortha.

síolruighim: *b.a. 7 n-a.* cuirim síol, geinim, clannuighim, borraim, méaduighim (beatha) etc. Cé uaidh gur shíolruigh sé agus an dath neamh-ghnáth atá ar a chneas?: cér bh'iad a shínsear? Na Conchabhraigh chéadna san gur shíolruighis-se uatha agus ní fada siar é: gur shínis uatha: gurb í a gcuid fola atá ionat. Tá an oiread san ubh seabhac gorm bailighthe leis na bliadhantaibh nách mór go síolróchaidh siad in ao'chor: go dtiocfaidh breis ná borradh ar a líon. Cad as gur shíolruigh an tseóid?: cad as go dtáinig an breágán? Níl aon ráfla ait ná gur ón mbaile céadna shíolruigheann: préamhuigheann: is ann a bhíos a thúis agus is as do scaipeann sé. Is í an eala í mar lítis do shíolruigh ón tsárfhuil mhóir/ 'sa caraid ghil mo chroidhe istigh/ céad míle fáilte rómhat": d'fhás ó: a tháinig ón bhfuil gcéadna. Síolruigheann an focal "iargcúlta" ó "iar" agus "cúl": tagann sé uatha: fásann asta. Mórán daoine a chreideas ná síolróchaidh faic as an gcogadh so ach gorta agus anacair: ná tiocfaidh mar thoradh dhe ach san. "Cad as gur shíolruighis anois orm?" deirtear lé hiongadh: cad as do thriall chugham. Ní shíolróchaidh aon rud cóir de bharr an ólacháin seo: ní thiocfaidh. Cár síolruigheadh an capall ráis úd?: gur geineadh is saoghaluigheadh é trí thoghadh a shínsear. Ní shíolróchaidh an t-oiniún san: ní phéacfaidh sé agus dá bhrigh sin ní thiocfaidh toradh air. Nár shíolruighir, a sheanduine, maran ort atá an fonn pósta: clannuighir: do chineál nár gheinir. Síolruigheann an úir mhaith: tugann toradh.

síolruighthe: *a.r.* geinte, curtha (síol), flúirsighthe, túisighthe, bunuighthe. Franncaigh síolruighthe an oiread san anois is nách féidir a ndísciughadh: flúirsighthe trí gheineadh. Fásfaid, táid síolruighthe: péacuighthe: curtha amach. Táir síolruighthe ó threibh mhaith: tagtha: scagtha. Fé Dhia atá na barraidhe anois, tá an talamh síolruighthe: an síol curtha sa chré.

síolruightheóir: *f.3.* scaipightheóir, préamuightheóir. Duine de shíolruightheóiridhibh an chreidimh iasachta a bhí ann: gur theastuigh uaidh a bhunughadh is do leathanughadh. Síolruightheóiridhe an chait bhric: craobhscaoiltheóiridhe.

síoluighim: *b.a. & n-a.* cuirim síol i, craobhscaoilim, préamhuighim, tugaim i gcoitinne. Pé duine a shíoluigh an tobac chughainn an chéad lá riamh mo mhilleán air, b'é budh bhun an chlampair é: a phréamhuigh is a leathanuigh in ár measc é. Síolóchaidh an cheanúireacht so bacaigh na Mumhan chughainn: baileóchaidh is leathanóchaidh. Is fada agus is fuar go síolóchaidh na háiteanna atá scriosta gen gcogadh so: go dtiocfaidh aon anam ionat ná go méadóchaidh a bpobal airís.

síom: (*iol.* –anna) cleasa, geáitsidhe, lúbaireacht. B'fhuraiste aithint go raibh síom éigin tímcheall an tighe air ar an dturasadóireacht gan chúram a dheineadh sé: geáitsidhe go raibh bun éigin leó. Síom an domhain uile aige d'iarraidh a bhearta do chur chun cinn: bóithre agus cleasa: rud éigin áirighthe ina aigne agus é ag leigeant a mhalairte air. Bhrisfeadh a chuid síom croidhe aon pheacaigh, bréag-ghalar nó bréag-thinneas an uile lá air: do dhéanamh dúmais. Raghadh sé dhíot cad bheadh ar bórd aige ar na síomaidhe a bhíonn air: an leigeant air: "bóithre" bréagach.

síomádh: *f.1.* leadrán, leadránaidhe, líobóid, mall-shiléige. Cad é an síomádh atá annsan ort?: cá bhfuil do chúram ann?: fanacht gan chúram. Cuir uait an síomádh agus déin rud éigin, is geall lé slimide thu: maille, righne lé toil, lé leisce nó lé neamh-anamamhlacht. Bheadh an lá caithte sara bhfaghfá aon rud as lámhaibh an tsíomáidh duine sin: duine marbhánta gan tapa gan preab. Ag síomádh ar fuaid na sráide chaitheann sé an lá gan rian cúraim ná gnótha: ag gabháil tímcheall go neamh-spéiseamhail, gan áird aige ar aon rud. An síomádh fir a bhuail Dia chúiche mara maoidhte uirthi é, budh dhóigh leat go mbeadh an bás ag faire air: céile marbh, neamhphraitineamhail, leibideach. Fág mo radharc, a shíomáidh, is ná bím ag féachaint ort: slibireálaidhe duine: duine go bhfuarfadh rud idir a dhá láimh. Cathain shroichfir me, a shíomáidh? ná faigh bás ar an mbóthar: duine mall, righin, siléigeach, neamh-anamamhail, neamhchríochnamhail.

síomádaidhe: *f.4.* (**síománaidhe**) gliúmálaidhe, duine siléigeach, mall, mío-thapaidh, leadránaidhe. Más ag braith ar an síomádaidhe sin ataoi fuarfaidh na cosa go maith agat sara bhfeicfir é, níor ceapadh éinne is maille 'ná é: siléigeach. Cé hé an síomádaidhe sin chughainn aníos an tsráid?: righineadóir: atá ag gluaiseacht go mall, neamhthuiseach. Chaithfeadh an síomádaidhe sin an lá lé rud do dhéanfadh duine eile in uair an chluig: duine neamh-phraitineamhail: gliúmálaidhe. A shíomádaidhe, ná cuirfeá thu féin in iúil: gur deacair cainnt do bhaint as. Chuir an gárda an ruaig ar shíomádaidhthibh na sráide: dream a bhíos ag gliúmáil thart tímcheall gan ghnóth, gan chúram: scaoinsidhe sráide. Tairng tiugh, tapaidh do dharadha, ná bí id shíomádaidhe leis: mar bheadh duine ina leath-chodladh.

síomádaidheacht: *b.3.* gliúmáil, siléigeacht, righneadóireacht, neamh-phraitneamhlacht. Cad í an tsíomádaidheacht atá annsan ort? gluais as: gliúmáil: fanamhaint righin. Tugann sé an mhaidean ar fad ag síomádaidheacht lé n-a chuid éadaigh: ag útamáil go neamh-thapaidh ghá gcur air. Ná bí ag síomádaidheacht leis, ach é d'ól nó d'fhágaint id dhiaidh: ag siléig aimsire. Aon lá riamh chuadhas 'on bhaile mhór chidhfinn scata ag síomádaidheacht ar na cúinnidhibh: ag tónghail tímcheall ann gan ghnóth gan chúram. Mar gheall ar mo chuid síomádaidheachta féin do chailleas an carbad: siléig gan chall: neamh-chríochnamhlacht. Ní ag obair do bhíonn sé ach ag síomádaidheacht: ag caitheamh aimsire lé gíotáil gan deallramh. Seadh, d'éag sé sa deireadh, is fada ag

síomádaidheacht é: dearóil, lag i sláinte gan aon éirghe ós a chionn. Aimsir neambroideamhail í seo níl ach síomádaidheacht againn na laetheanta so: neamh-chúram is díomhaointeas.

síománaidhe: *f.4.* duine coimhtheach; duine gan phraitin, truaghán i spirid. Ar éirigh an síománaidhe so fós?: duine mall "gan anam gan anál", gan áird aige ar rud ná neach. Cathain gheóbhad freagra ón síománaidhe? an mbeidh oidhche Nodlag ann?: duine gan gus ann chun faic do dhéanamh. Síománaidhe capaill ar an mbóthar atá ann: capall neamh-anamamhail. Síománaidhe fir i mbun siopa: neamh-phraitineamhail ag freastal. Dá labhradh duine iasachta leis an síománaidhe sin, ní fhreagróchadh é: duine coimhtheach. B'fhéarr leis bheith ag imtheacht ina shíománaidhe cois na gclathach ná dul ar rinnce ná chun peictiúiridhe: duine támáilte coimhtheach: faithteach roim shluagh. Ní bheinn ghom bhodhradh féin leis mar shíománaidhe, ní bhfaghaim thall ná abhfus é: rud suarach gan ghus. Ná bí id shíománaidhe in áit a gheóbhair: iargcúlta, tamáilte, gan praitin.

síomántacht: (**síomántaidheacht**) *b.3.* siléig, neamh-phreabamhlacht, réadhchúiseacht, iargcúltacht. Silfir mar a bhfuilir id sheasamh lé síomántacht, mara gcuireann rud éigin anam ionat: mairbheacht chuirp agus aigne: neamh-ghus. Ag cainnt leis gach aon bhod an bhóthair a bhuailfeadh uime mheilfeadh sé an lá lé síomántacht: neamh-thapamhlacht agus neamh-shuim: siléig chuirp agus aigne. Nár árduigh sé leis mo hata i leith a shíomántachta: d'aimhdheóin nó fé dhúmas an chlóidh shaonta a bhí air. Ní chuirfidh síomántacht do ghnóth chun cinn choidhche: mairbheacht agus neamhshuim ag freastal air. "Cad atá ag síomántacht annsan uait?" ars an connstábla liom go dochaiseach: ag gliúmáil (tónghail) tímcheall an bhaill gan gnóth ná scar soi-fheicse. Air sin anois do thugaimís síomántacht, ag codladh go headarshuth is ag áirneán go meádhon oidhche.

Síomón: *f.1.* ainm fireannaigh. "Agus tháinig sé agus fuair sé iad san ina gcodladh, agus a dubhairt sé ré Peadar, a Shíomóin, an bhfuil tu id chodladh? An é nár bh'éidir leat faire aon uaire do dhéanadh?" (Marc XIV. 37).

síomtha: *f.4.* cómhrac dhá chlár plainnc i mbád nó i luing, i mbórd, etc. Tá síomthaidhe an bháid ar dearg-leathadh, caithfear bunach do chur innte: scar idir gach dhá chlár plainnc. Suaidhfidh an fharraige seo na síomthaidhe go maith aice: beidh sé air aca a ngreim do choimeád. Connus tá gach síomtha id chorp: gach alt.

síon: *b.2.* (**sín**) aimsir, saghas aimsire, droch-aimsir, stoirm. Éist leis sin! tá na síona ar buile anocht: na dúla. Samhradh gach síon go Nodlaig .i. is an uair sin do thosuigheann an droch-aimsir i ndáiríribh. Tair isteach ón sín nó leathfar thu, a shíománaidhe: ón ngála, báisteach, sneachtadh: aimsir dhona. Má fágtar éadach ró-fhada fén sín leigheann sé: aimsir (gach saghas di). Lá droich-shíne atá ann, níl aon rud ag fanacht ina sheasamh sa ghortaibh: gála mór. Nách aoibhinn iad na laetheanta mín-shíne seo, grian bhreágh is leóithnín gaoithe: aimsir thaithneamhach. Is annamh deagh-shíon sa Mhárta: aimsir mhaith: dáil mhaith maidir le haoráid, in áit áirighthe am áirighthe, mar atá fliuchra, teas, treó gaoithe, scamaill. Áit ró-fhiadhain sa diabhal é siúd, síonta ag gearradh a chéile do shíor ann: gach saghas droch-aimsire lé súil a chéile. Aon tsíon ní chuireann air .i. ní ghoilleann aon tsaghas aimsire air. Díogha gach síne sioc .i. idir bháistigh, shneachtadh,

ghaoith, etc. Tháinig síon ón bhfarraige a chuir sáile go féar glas: stoirm: eascal. Síon go dtagaidh ort!: droch-aimsir: aimsir dhian chughat. An dtiocfaidh aon tsíon choidhche air go bhfanfadh sé socair?: aon athrughadh aimsire a ghoillfeadh mar sin air. Is baoghalach liom nách aon tsocrughadh atá ar an aimsir gur lá idir dhá shíon é: peata lae. Tá rian na síon go maith ar na carraigeachaibh sin: rian gur luigh droch-aimsir, scríobanna ortha. B'shiúd í an oidhche gur deineadh an scrios ar muir is ar tír, oidhche na seacht síon: go raibh na dála go léir ar barr ithreach. Féach thart siar, tá síon air: stoirm: droch-aimsir. Síon bháistighe, ghaoithe, sneachtaidh, sheaca, etc. Síon eaglach tóirneacha is splanncacha. Ar thaobh na síne den dtigh do bhíos agus tusa ar thaobh na fothana: mise amuigh, tusa istigh: mise ar thaobh na gaoithe, tusa ar an dtaobh eile. Is olc an tsíon nách maith d'aon: dá olcas aimsir, fóireann ar dhuine éigin. Caithfear an fhuinneóg san do dheisiughadh, tá sí ag tarrac na síne: siolla agus a leanas é ag teacht tríthe. Nár léanaidh aon deigh-shíon na héanlaithe céadna, tá an chruithneacht ar fad priocaithe aca: an míoádh ina n-earball do shíor. Tiocfaidh síon ó neamh ortha, ar a olcas atáid: tuiteam anfa: iomard trom. 'Sé lá na dtrí síon i gceart é .i. báisteach, sneachtadh, gaoth.

sionann: *b.2.* abha na Sionainne. D'ólfadh sé an tSionann: póitire mór.

síon-bhuailte: *a.r.* rian na gaoithe, báistighe, gréine, etc., do bheith ar rud; garbh, rocach, méiscreach. An Tiaracht go haonarach i lár na mara is í atá go síon-bhuailte: clódh méiscreach garbh uirthe. Nuair shroich sí cuan tar éis an anfaidh is í bhí go síon-bhuailte, a cleathacha ar sileadh léi, a cuid anairte stolta: cuma uirthi gur luigh an t-anfadh uirthi.

síon-bhualadh: *f.* (*-bhuailte*) luighe na síne is a ghoilleamhaint. Is cruaidh an mianach carraige í is seasamh chómh fada ar an síon-bhualadh atá factha aice: anfaidhe ghá síorstialladh.

síon-chaitheamh: *f.1.* seargadh, luigheadughadh, smiotadh lé goilleamhaint, gach saghas aimsire. Ní mór go n-aithneófá an Ógham in áitheannaibh leis an síon-chaitheamh: an maolughadh atá ar an "mbreacadh" ó bheith leis. Má fágtar amuigh an céachda raghaidh síon-chaitheamh air: beidh sé dhá itheadh gen meirg ó ghoilleamhaint na haimsire.

síon-chaithte: *a.r.* smiotaithe, seargtha gen aimsir. Fágadh amuigh gan chlúid an trucaill go raibh sí síon-chaithte: í cnaoidhte ag gréin is fliuchra, etc.

síondaire: *f.4.* scroibile, séithleach, leadaidhe, seirgtheachán. Rug an oiread san breóidhtighe air go ndeárna sí síondaire dhe, tá sé chómh caol, chómh tairngthe lé coin: rud leice, seirgthe. Dá mbeitheá ag tabhairt choidhche, féach, don síondaire sin, ní chuirfeadh sé comaoin ort: rud cruinn, sprionnlaithe. Síondaire capaill ná fuair leath a dhóthana lé n-itheadh riamh: capall leice, seang. Faid an lae ambáirigh de chliathán ag an síondaire: caoladán duine, scroibile. Éirigh uaim a shíondaire, is é an náire dhuit bheith it shliasta annsan is do ghnóth ag dul gan déanamh: raga díomhaoin, leisceamhail.

síondaireacht: *b.3.* leisceamhlacht, sprionnlaitheacht. Leis an síondaireacht atá ceangailte isteach ina chreat is mór leis duadh a chuid bídh do chaitheamh: racht leisceamhlachta. Leis an síondaireacht atá geinte ann ní thabharfadh sé greim bídh ná bolgam dighe dhuit: racht sprionnlaitheachta.

sionnach: *f.1.* mada ruadh. Is é an sionnach i gcroiceann na caorach agus scéitheachtaint orainn tar éis ár muinghine as: an feallaire plámasach. “An sionnach ruadh ar an gcarraig míle liúgh ag marcaigh etc.” Aire dhuit féin air sin, tá sé chómh glic lé sionnach: lán de lúbaireacht is de chamasghail. “Agus a deir Íosa ris, atáid fuachaisidhe ag na sionnachaibh agus neid ag éanlaithibh an aoir; acht níl áit ag Mac an Duine ann a gcuirfeadh sé a cheann” (Matha VIII. 20). Dubhart leis aire do thabhairt don siopa, gan leigeant d’éinne faic do thógaint faid bheinn amuigh, ach b’é an sionnach i mbun na gcearc agam é: dhein sé féin pé foghail budh mhaith leis. Agus do dhícheall do dhéanamh ní fhéadfá tu féin do chosaint air, tá cleasa an tsionnaigh aige: “lúba” ina bholg ná féadfa dul amach ortha. “Nách é an sionnach é”, deirtear lé duine a fheallas go gránda orainn.

sionnachamhail: *a.* glic, ar nós an tsionnaigh. A Sheáin, tá cuma shionnachamhail ort féin is ar do mhadra!: dath an tsionnaigh agus gliocas an tsionnaigh ionat. Agus mo chroidhe díchill do dhéanamh mheallfadh sé uaim gan choinne gan amhras agam air, tá sé chómh sionnachamhail sin: chómh lághach macánta os mo chómhair, chómh glic cam laistiar díom.

siopa: *f.4.* (*iol.* –paidhe, -paighthe) áit ina ndíoltar earraidhe ar gáineáil. Ag déanamh ar an siopa gach aon lá ní maith é: ag síor-cheannach in ionad soláthair an tighe. Lá agus me an-óg tairngeadh tríd an siopa me: cuireadh éadach orm ó bhonn bathas ann. Bróga as an siopa .i. nár dhéin gréasaidhe. Cac an tsiopa atá ort: an t-éadach is measa a fhéadfá cheannach. Chonnac siopa mór bróg ann: mórchuid díobh ann. Leasughadh an tsiopa: a déintear is a bhíos ar díol. Lucht siopa: siopadóiridhe. Dá mbeadh sé ábalta ar ghabháil trí n-a shiopa i gceart ní bhrisfí amach é: eólas ar shiopadóireacht.

siopadóir: *f.3.* fear i mbun siopa chun earraidhe do reic ar gháineáil.

siopadóireacht: *b.3.* tráchtáil gháineála; cúram siopa do rith. Deintear siopadóireacht mhór sa tsráid sin: ceannuightear mórán earraidhe ina siopaidhibh. Maireann sí ar shiopadóireacht annsúd ar an gcúinne: ag díol ar gháineáil.

sioplais: *b.2.* deoch mhilis, traghain. Tá an té seo ina shioplais agat lé siúicre: reamhar, righin. Ní sioplais a bhíos uaidh seo i dtigh tábhairne ach “fear Corcaighe”: deoch bhog mhilis neamh-mearbhaill ach beathuisce bríoghmhar.

síor: *a.* cómhnaidhtheach, buantseasamhach, bith-bhuan. Dhearbhuigh sé bheith dílis dom do shíor: choidhche: gan aon athrughadh. Bíonn sé ag gearán go síor: i gcómhnaidhe. Glóire shíor Dé dá anam ar neamh anocht: ná beidh críoch ná deireadh uirthi. A dhiamhaireacht, cuimhnigh air, dórd na mara go síor síor ar an dtráigh: trí shaoghal na saoghal. D’iarraidh an t-anam síor do shaoradh: do-mharbhtha. Ag obair do shíor is gan pósadh choidhche: ag gabháil di gan stad. B’é mo ghlór do shíor leis aire do thabhairt do féin: moch déidheannach b’é mo cheól é. Droich-shín shíor is gnáthach linn sa cheanntar so: i gcómhnaidhe. Gheóbhair síor uatha má bhíd sásta leat: obair ó ló go ló.

síor-: *i gcfbh.* fada, cómhnaidhtheach, gnáthach, aidhblighteach. Connus ná coirtear é, ag síor-aighneas ar an gcuma san: gan lag ar a theangain. Dá mbeadh a fhios agat cér bh’e féin aon uair amháin bheadh síor-aithne agat air as san amach: faid mhairfeá. Ní fhéadfá

puinn muinghine do chur as bharra maith ann toisc síor-athrughadh na haimsire: malairt chrota uirthi. Aon tsuaimhneas ní bhíonn aca ag síor-áiteamh ar a chéile: ag teacht treasna is ag cur i gcoinnibh a chéile gach ré seal. B'fhearr dhúinn gan bualadh um a chéile mar ná beimís ach ag síor-argóint an chogaidh: gan staonadh d'iarraidh ár dtuairmidhe do chur ina luighe ar a chéile. Ó, an tsíor-bháisteach ná féadfá dul t'fhaid féin ón dtigh aice, cá bhfaightear í?: an duartan cómhnaidhtheach. D'fhág a bás síor-bhuadhairt ar mo chroidhe: brón marthanach. Cá maith bheith ag síor-bhuaidhreamh má sé nádúir an duine féin é: ag suathadh dhuine féin gan sos. Bhodharfadh síor-bhloscadh na gaoithe ar an bhfuinneóig do chluasa: bualadh is clagairt bhuan. An síor-bhualadh a gheibhinn ar scoil toisc gan mo cheachta do bheith saothruighthe agam: smísteáil an uile lá. Níl aon teóra lé síor-bhriathar Dé: an briathar fíor ná hathruigheann is ná hathróchaidh. Ní mór an mhaith bheith ag deisiughadh an chraolacháin seo, tá sé ró-leóchaileach, bítear ghá shíor-bhriseadh: bristear go mion agus go minic é. An síor-bhladhgar a bhíonn air is gan faic le maoidheamh aige a chrádhfadh thu: cainnt mhór as féin gach tráth. Mo shíor-bheannacht duit, mhuis, an méid sin do chaitheamh san dá shúil air, mar is fada tuillte aige é: mo mhóir-bheannacht: mo bheannacht bhuan. Lá éigin tabharfaidh Dia, agus nár misde sinn é, síor-bhreith orainn go léir: an bhreith dhéidheannach. Fágaim fén síor-bhreitheamh thu: an breitheamh síorraidhe. "Ag síor-bhreith barr na háilne ó chéile": is deacair a rádh ceaca is áilne. Ná bí ag déanamh gliogaire dhíot féin, ag síor-chainnt: gan aon stad do dhul ar do teangain. Coireadh é as na corthaibh a bhí déanta aige in áit go mbeidh síor-chómhnaidhe air agus síor-choimeád: in áit ná fuil aon dul aige ar fhágaint i rith a mharthana. Nuair ná bíonn prátaidhe i gcóir aon bhéile againn bíonn síor-chaitheamh ar an bplúr: itheadh ar gach béile. Táim chómh buidheach san díot as an gcomaoin atá curtha agat orm go mbead ghá síor-chúiteamh: faid mhairfead. Budh thusa ár síor-chómhrádh nuair bhuailimís um a chéile: dob ort do bhíodh ár labhartha. Ó bhreacadh lae go hamhascarnach tráthnóna bíonn an fhuiseóg ag síor-chantain: ag déanamh sians dá séise. Má thig liom in ao'chor beidh síor-chómhnaidhe orm im áit dhúthchais, táim traochta ag an bhfánaidheacht: cur fúm ann faid mhairim. Léan air mar áit, bíonn sé ag síor-chur ann: síon bháistighe ann go gnáthach. Cloisim, a shúmadóir, go mbír ag síor-chur síos orm: ag tromaidheacht: ag cúl-chainnt. Mo ghradhain í, an t-aindeiseóir, bíonn sí ag síor-chaoineadh a haon leinbh: ag gol 'sag déanamh buadhartha lá ar lá. Creid me leis, cé ná scríbhim chughat go mbím ag síor-chuimhneamh ort: go mbír im smaointibh i gcómhnaidhe: go bhfillir is go n-aithfhillir ionta. An síor-chodladh an uile mhaidean an t-aon rud a bhíos uaidh: codladh fada, gnáth. Bíonn, tá agus an talamh so atá féd chois, dá aiteas leat san, ag síor-chasadh: ag casadh tímcheall gan sos gan stad do theacht air. "Ní maith agus ní cóir an chuma atá air" – "léan air, sin a shíor-chrot san": an crot is gnáthach leis. An uile lá bhreágh théigheadh sé in uaigneas éigin agus bhíodh ag síor-chómhaireamh a chuid airgid: airís agus airís eile chómhairigheadh sé é. Bainfead-sa an síor-chrónán so amach as do chreatlach-sa: ag gearán gan stad. Nách é an síor-chráidhteachán é, an stadann sé in ao'chor?: a bhíos ag cnáimhseán gan stad gan chúis. An síor-chunntas agus an síor-cheistiúchán a bhíos air: duine ná fuil teóra lé n-a chuid fiosrachta. Bítear ag baint síor-chúnntaisidhe dhíom ar mo thuras thar lear: daoine go mion agus go minic ag cur tuairiscidhe orm ina thaobh. Ag síor-chleachtadh na bhfuaimeann an rud is fearr dhuit chun a bhfoghlumtha: taithighe cómhnaidhtheach do dhéanamh díobh. Go lá a bháis bhíodh sé ghá shíor-dhearbhadh ná raibh aon bhaint aige leis an gcoir: go moch agus go mall: thabharfadh sé a mhóid. Is síor-dheacair leis éirghe:

aon uair amháin féin ní thiocfadh ná gur leasc leis é. Cuireann na scéalta uathbhásacha so síor-dhubhadh ar mo chroidhe: brón trom ná scarfadh leis. Na soillse múchta is an baile síor-dhubh: dorcha amach 'samach gach oidhche. Bíonn síor-dheallramh macánta air, pé rud atá istigh aige: an chuma chéadna i gcómhnaidhe. Síor-dheatach sa tigh dá dtagainn gach lá den mbliadhain ann: é ann an uile uair. D'fhógras air fanacht uaim, ach mar sin féin bhí sé ag síor-dhruideam liom: ag teacht níos goire agus níos goire dhom. Caithtidhe bheith ghá shíor-dhúiseacht, neachtreaca ní fhéadfadh sé bheith in am bhí sé ró-chodlatach: gach tráth gur chóir do éirghe caithtí glaodhach air. Déanfaidh an iomad toitínidhe síor-dhochar duit, adeirim leat: díoghbháil a leanfaidh duit. Ag síor-dhul abhaile ar a bhéal: ghá rádh go bun gídh ná téigheann. "Cé atá amuigh anois?" – "an síor-dhream": an dream gur gnáthach leó. "Budh mhór an obair do cuimhneamh ar a leithéid de bheart do dhéanamh de thapaidhean" – "cad dhéanfadh an tsíor-éifeacht atá ann": fuaimeant is meabhraidheacht thar barr. Táim leath as mo mheabhair ó bheith ag síor-éisteacht leis fé thinneas: de ló is d'oidhche a ghearán im chluais go gonta. An síor-éigheamh ar thobac is earraidhe eile is gan iad le fagháil: lorg gan stad. Iomard uathbhásach air, coileach goile nó rud éigin mar é, go mbíonn a bholg ag síor-éigheamh: gan aon stad ar lorg bídh. An síor-éileamh atá ag Éirinn ar lán-shaoirse ná cuirfeadh faic as cheann a daoine é: fonn ná téigheann múchadh air. An síor-éileamh bídh atá aige, cá ngabhann sé lé n-a leath?: fonn ná tagann aon mhaolughadh air. An síor-easbhaidh a chuirfidh 'on chré me: an ceal ná tagann aon fhóirthint air. An síor-éad lé n-a chómharsain: éad ná fágann is ná trághann. Síor-éileamh ban air: fonn buantseasamhach air chúcha. Is ait liom éinne ghod chreideamhaint, mar ná bíonn agat ach an síor-éitheach: focal den bhfírinne ní labhrais. Cad dhéanfaidh daoine in ao'chor, tá an plúr so ag síor-éirghe i ngainne is i luach: in aghaidh an lae. Bhíodar ag déanamh síor-eitim ar do chlaoidhe: iarracht ar iarracht gan sos do thabhairt dúinn. Ní bhfaghann síor-iarraidh ach síor-eiteachas: nuair is gnáthach bheith ag lorg go mion agus go minic is gnáthach ná faightear. Is cuma dhuit cad é an méid airgid do chaithir, tá sé ag síor-fhás chughat: ag teacht isteach gan aon stad. Caithfead géilleadh dho sa deireadh, is baoghalach, bíonn sé ag síor-fháscadh orm: go dian leanamhnach san uile. B'é a shíor-fhreagra ná géillfeadh gur chuma leis cad déanfaí leis: an freagra céadna dá mhinicighe cuirfí ceist air. Bíonn an t-amadán ag síor-fhógairt bruighne ar dhaoinibh: de ghnáth. Bítí ghom síor-fhógairt lém mhuinntir lém chuid crostachta: go moch is go mall, go luath is go déidheannach. Cad é do bhun lé bheith ag síor-fhéachaint mar sin orm: ag steall-fhéachaint. Déanfaidh sí seachtmhain síor-fhliuch: fliuch i rith na haimsire. Níl aon áit go mbuaileann sé liom ná go mbíonn sé god shíor-fhiafruighe: god fhiafruighe gach uair aca gan teip. Beir fada air, nách síor-fhústrach an duine thu: duine ná fanann leathuairín gan bheith neamh-shocair, giodamach. Ná bíodh eagla orainn ná go gcaithfeam bheith síor-fhreagrach in ár gcorthaibh: freagrach i gcómhnaidhe agus choidhche. Creidim é mar gheibhim síor-fhírinneach liom é: innseann an fhírinne dhom i gcomhnaidhe. Bhodharfadh síor-ghaoth an chnuic is na mara: gaoth ná téigheann lag uirthi. Tar éis an tsíor-fhógartha atá fachta aige fanacht as síor-ghnáthuigheann sé é: leanann sé de bheith ag teacht. Síor-ghnáthughadh an Chuirp Naomhtha is fearrdide an t-anam é: é do ghlacadh go mion agus minic. Dá fheabhas is a lághaiche do bhím leis bíonn sé síor-ghoirgeach liom: sean-bhlasta, mí-chéadfadhach gan scur. Fógradh air gan bheith ag síor-ghnáthughadh na háite: gan bheith ag teacht ann ró-mhinic ná ró-thiugh. Síor-ghrásta agus síor-ghlóire Dé chughainn: a ghrásta is a ghlóire go hiomlán is go deó. D'iarraidh greama do shíor-

ghlacadh im chuid talmhan do bhí sé ar a shíor-dhícheall: do ghlacadh gan scaoileadh. Ní ithim puinn sa turus, ach bím ag síor-ghreamatghail: ar mo ghreim go mion is go minic. An síor-ghreim atá ag an gcníopaire úd ar an airgead is deacair é do bhogadh: greim daingean, cómhnaidhtheach. Gan amhras tá meas agam as an síor-ghradam atá fachta agam ós na daoinibh: an móir-mheas ná fuarann. B'fhearra dhóibh imtheacht ó chéile, duine aca soir agus duine aca siar 'ná bheith ag síor-ghalgar lé chéile: de ló 'gus d'oidhche in earrad is i gclampar. Ná bí síor-ghoirgeach liom, níl cúis ná riachtanach leis, tástáil bheith cneasta fo-uair: sclamhach gach uair a fhosclair do bhéal chugham. Bíonn an beathuisce síor-gharg sa tábhairne seo: choidhche ní bhfaghfá é agus blas sóghail air. Scannruigheann síor-ghlinneamhaint a shúl orm: féachaint ghéar, fhada. Is í mo shíor-ghuidhe dhuit Dia do chur an ratha ort: moch mall guidhim sin duit. Nách síor-ghránda an tsúil a thugann sé ar dhuine, chúbfá roimpe: gránda ar feadh na huaire. Ar dhein sé gáire maith riamh? nách síor-ghruamdha an driuch a bhíos air?: neamh-gheanamhail gach aon uair fhéachfaí air. Duine síor-ghníomhach faid mhair sé: gan aon fhuaradh ach ag déanamh rud éigin cóir. Pé rud atá ghá chongbháil indiu is síor-ghnáth(ach) leis teacht tímcheall an dtacaid seo: is é a thaithighe é. Ní imtheóchaidh an tsíor-ghnúis ghoirgeach choidhche dhe: an ghnúis chéadna gan athrughadh. Dá mbeinn ag síor-ghlaodhach ó shoin (go gcuireadh Dia fios orm) ní thabharfadh sé aon tor orm: ag glaodhach gan stad. Budh thruagh Mhuire leat an leanbh bocht uaigneach ag síor-ghlaodhach ar a máthair is í marbh: ag glaodhach gan aon fhaoiseamh. Síor-ghlaodhach san tsiopa san, tá sé ag déanamh go maith: daoine isteach 'samach ag ceannach earraidhe ann ar feadh an lae is gach aon lá. Ní bhuadhfadh Písin, is ní raghad tharais, ar an síor-ghliocas atá ann: gliocas ná fágann é. Cad í an tsíor-ghliúmáil a bhíonn agat tímcheall mo chuid leabhar-se: ann agus ag féachaint ortha is ghá méaráil. Cuir uaim an tsíor-ghliogaireacht: aiteas ná fágann thu. An rud is mó thugas fé ndeara, síor-ghlaise an pharróiste: glas an uile uair do chonnac é. Budh bhreágh leat síor-ghlaine an tighe atá aice: é chómh glan agus b'fhéidir do bheith agus an uile lá. Cuireann sé síor-ghliondar ar mo chroidhe ceól aoibhinn do chlos: áthas mór agus é do bheith leanamhnach. Choidhche ní imtheóchaidh an síor-ghreitheal díot, ná déanfá stad nó sos tamall éigin?: an fuadar agus an fústar ná tagann críoch air. Thuit inghean an rí i searc is i síor-ghrádh leis: grádh trom marthanach. Tá eagla orm go bhfuil síor-ghortughadh ort, fuairis an-thuiteam: gortughadh a leanfas thu. Ní bhainfeadh aon rud an tsíor-ghangaid amach as a chroidhe, is cuma cad é duaidhnéis a cuirfí air: camadghail atá geinte istigh ann. Ó Dia go deó linn, ní maith é an síor-ghábhtar: an ceal ó ló go ló. Má fhéadair in ao'chor é do thabhairt dom, táim síor-ghábhtarach leis: ina easbhaidh go mór an uile lá. Bheifeá cortha, cráidhte ón síor-iarratas ort, pinginn indiu is réal ambáireach agus rud: an lorg in aghaidh an lae. Táim ghá síor-iarraidh ort daoine do leigeant thart is gan bheith ag cruisteach ortha: ghá iarraidh ort de ghnáth. Mise a chaithfidh bheith ag síor-iomchar mhilleán: ag bruic leó go neamh-chóir. An fuacht a bhíonn ort go mbíonn an chasóg mhór san ar síor-iomchar agat: ort gach an uair is gach aon lá. Dhein sé síor-iarracht ar é do bheith aige, ach budh bheag dá thairbhe do é: iarracht chómhnaidhtheach foirtil. Fágfaidh an obair throm so síor-iarsma ort mara mbír aireach ort féin: deasca a leanfaidh b'fhéidir léd shaoghal thu. Bíonn síor-iallach air teacht go laetheamhail leis an bpost: is é a dhualgas teacht. Cuireann sé síor-iongadh orm cá bhfaghann an fear san airgead lé caitheamh is gan aon déanamh aige: iongadh ná himthigheann díom. Pé rud a bhí nó ná raibh riamh air tá síor-iomard anois air go bhfuil an tsúil as: máchail mharthanach. Bhíodar i síor-iomarbháidh i dtaobh na n-oileán

gcéadna go ndeachadar chun cogaidh sa deireadh lé chéile ina dtaobh: in argóint gan réidhteach. Má bítear ag síor-iascach na habhann imtheóchaidh sí gan an síol: dá hiascach gan eaga do thabhairt di. An duine bocht, saonta, bíonn sé ag síor-innsint a pheacaidhe dhom: gan scur ag trácht a chúrsaidhe rúin liom. A síor-imtheacht ó n-a tigh is ó n-a cúram ag sráideóireacht 'sag siopadóireacht a mhill croidhe a fir: gan aon stad ná longughadh sa bhaile. An síor-ídeach atá fachta aige uaim connus sheasóchadh sé liom?: an caitheamh gan sos is gan líonadh in ionad an fhollamhuighthe. An tsíor-imirt cleas a bhíonn ar bun aige díolfaidh as lá éigin mar nách é gach éinne a bhruicfidh leis: an gnás. Machtnuigheadh don gceann urraidh nár bh'aon tairbhe dho bheith ag síor-íspirt fear, gur b'éigean do géilleadh. An tsíor-imirce thar lear do laigheaduigh sé an pobal annso: an fhágaint gan staon gan maolughadh. Bíonn an diabhal in aon tigh go mbíonn an síor-imreas: an chonstrabháil, an argóint, an t-easaontas: an míoshuaimhneas marthanach. Ambaiste táim féin agus an saoghal ag síor-iomarscáil lé chéile: i dtráth is in antráth ag tuargaint a chéile. Is síor-ionann é cúiteamh Dé: ní théigheann aon athrughadh air ach díreach ionraic. Dia síorraidhe síor-ionraic, cuirimís sinn féin ar iontaoibh a mhaitheamhnachais: ná féadfadh do bheith éagcórach. Tabhair eaga dhom m'anál do tharrac, ná bí chómh síor-iarratach: gan aon tsos do thabhairt dom ach ag lorg orm. Ag síor-íodhbairt aifrinn Dé ar fuaid an domhain: gach tráth é ar siubhal i mball éigin. "Cad tá uait?" – "deoch ón síor-íota so orm": tart ná fágann is ná saithightear. Cad tá déanta as an slighe agam oraibh go mbíonn sibh ag síor-itheadh orm: gan eaga ná sos do thabhairt dhom ach ghom ionsaidhe. Tá an tír-ghrádh ar síor-lasadh in ár gcroidhthibh fós gan mhúchadh ó ghéirleanamhaint ná ó chlaoidheachtaint: lasadh marthanach. Siúd é fear an chroidhe mhóir a shíor-líonfadh an ciota d'fhear an tarta: a líonfadh gach uair do bheadh folamh. Ní thréigfeam ár síor-laochradh ar ór na cruinne: fir iongtacha, éachtacha. Caithtear an t-iomar do choimeád síor-líonta d'uisce ar eagla go dteastóchadh sé: lán an uile thráth. Bím síor-líonta d'fheirg chuige nuair chidhm an clódh neamh-chríochnamhail a bhíonn air: ní thrághann m'fhearg do in ao'chor. Nách síor-lasta an chionnaghtha atá air, an dócha ná fuil sé sláinteamhail?: ní athruigheann a dath dearg in ao'chor. Mar bhím-se gá shocrughadh bír-se ghá shíor-lat: ní túisce socair agam-sa ná laitighthe agat-sa. Síor-loscadh ort!: gurb é ifreann do stáid i ndeireadh dála! Siúd é an fear síor-láidir, do-chaithte: an neart céadna ann pé duadh nó obair do cuirfí air. Ó saoghaluigheadh é do bhí sé síor-leice: i gcómhnaidhe lag-shláinteach. Cuirfidh sé síor-leasughadh sa bhannc ar gach pinginn dá dtuillfidh sé, an cníopaire: cuirfidh ann a chuid airgid chun a fhágtha ann. Nách iad an síor-lucht oibre iad, rud éigin ar siubhal moch mall aca: an dream ná coirtear in ao'chor. An sibh-se síor-lucht iarrata an tobac?: dream a bhíos ghá scramaidheacht. Is iad síor-lucht óil is iomdha sa chathair an dream a thigheas an tábhairne sin: an aicme is mó a chlaoidheas leis. Beir síor-leighiste ag an am go mbeidh an dochtúir úd réidh leat: ní bheidh a thuilleadh iomaird ina dhiaidh ort. Deirtear gur síor-leigheas ar thinneas cinn é: go gcuirfeadh sé deireadh leis. B'fhéidir go bhfuil sé síor-leighiste ó bheith chómh cáiréiseach id thaobh ó ná fuair sé pioc ded bharra: go gcaithfeadh sé as a cheann thu. Dá mbuaileadh sé dathad uair sa tseachtmhain liom bheadh sé ag síor-lorg orm: ag lorg rud éigin gach tráth. D'fhág an teine rian síor-loiscithe orm 'om righe go huilinn: rian ó dhóghadh ná himtheóchaidh. Ní haon díoghbháil do dhuine meas do bheith aige as féin ach ní moltar an síor-lán: an tóirtéis gan chosc. Cos shíor-leónta atá aige, sin é go mbíonn sé bacach: leónta is nách féidir do leigheas. Fear seadh é ná deineann a shíor-leas, is budh thruagh é, is minic síogach a

dhóthain: ná deineann rudaidhe chun a mhaitheas trí fhaillighe is mhanaois. Beidh síor-lá againn indiu ar ár dtoil: lá ar fad chun ár n-aoibhneas-sa féin. Gan rann curtha i dtalamh fós aca leis an síor-leisce: leisce ná fágann iad agus leisce mór. An iomad oibre ghom shíor-lagughadh: ghom chongbháil lag gan bhogadh. Tugaim fé ndeara an sparán ag síor-luigeadughadh: ag dul as leis an aimsir. Níor mhór duit an tsíor-lámh amuigh chúcha chun a sásta: í bheith ar síneadh gach tráth agat dóibh. Dá aosta é is deacair é do chor, é ag síor-lapadáil lé rud éigin: ag útamáil oibre lé rud éigin. Bím ag síor-labhairt do thréithe i ngach ball dá ngaibhim: ghod mholadh go luath is go mall. Tháinig sé suas leis lé síor-luas: luas ceart ná deaghaidh aon chnúbháil air. Má tá teanga síor-luaimneach ag aon bhuachaill bán tá sí aige: ná coirtear dá mhéid cainnte bhíos aige. Síor-luascadh na mara is ait é: an luascadh ná sosann. Síor-mhac Dé ghá shaoradh: a mhairfeas lé saoghal na saoghal. As shíor-mhachtnamh ar m'áit dhúthchais tagann brón orm annso in imigcéin: smaoineamh fada do dhéanamh air. An bhochtanacht síor-mharthanach so a chlipeas an croidhe ionam féin: a leanas mé ó ló go ló. Níl annsan ach síor-mhagadh fúm bheith i gcómhnaidhe ag lorg orm is gan mé ag fagháil faic: magadh ceart. Is breágh síor-mháighistiridheacht do bheith aice air: é do bheith i dtráth agus in antráth fé n-a smacht. Síor-mhaise dhuit a bhfuil de chomaoin curtha aice ort: bail agus slacht a leanfaidh thu ar feadh i bhfad. Thug sí a síor-mhallacht don áit tar éis ar éirigh d'iomard ann di: a mallacht gan fuaradh. Is síor-mhaoidhteach an gliogaire é: ghá mholadh féin 'sa ngníomhartha i gcómhnaidhe. Síor-mhasla dom leigeant leis tar éis na heasonóra do thug sé dhom: aithis a cheanglóchaidh díom i rith mo mharthan. Síor-mhasmas go gcuiridh an biadh ort maran tú an craosaire: breóidhte ina dhiaidh go rabhair gan teacht chughat féin. Fear maith seadh é má dheineann bheith ghá shíor-mholadh é dho: ghá mholadh gach tráth is ar gach ócáid. Tá síor-náire fachta agam gan dul i sochraid m'fhíor-dhuine muinnteardha: náire a leanfaidh i bhfad me. Beidh deireadh lé n-a chuid scléipe anois, tá síor-nasc curtha aice air: greim daingean an phósta. Cuireann aon rud ná taithnigheann leis síor-néall air, ní fheacaís éinne riamh is tógálaighe 'ná é: spreang feirge a leanas do. As so amach anois leis an aimsir bhreágh beidh sé ag síor-neartughadh: ag dul i neart ó ló go ló. A Mhuire Mháthair síor-óg: go bráth na breithe id mhaighdin. Ghaibh an tsíor-oidhche úd tríom lé fuacht is lé clampar: an oidhche a thaidhbhsigh gan aon deireadh do theacht uirthi. Is gearr an mhoill ar an síor-ól duine do bhaint dá bhonnaibh: ól gan stad. Na síor-órduighthe bhíonn air budh dhóigh lé duine go raibh ughdarás an diabhail bhuidhe aige ar dhaoinibh: gan aon lag air ach ag tabhairt órduighthe uaidh. "Is baoghalach" ars an dochtúir, tar éis féachta ar an máchail do, "go bhfuil síor-ósbairt fachta aige": a fhágfas a rian air: go mbeidh cimiar air ina taobh. Nuair bhíonn an tsíor-osnaghail sin air cómhartha droich-mhianaigh a bhíonn ann: tarrac osna go mion agus go minic. Ceanglaimís síoth agus síor-pháirt agus dearmhadaimís ár gcuid achrainn: caradas fada buan. Cad é an síor-phaor a bhíonn agaibh air bhreis ar éinne eile, cad chidheann sibh ar sileadh leis: é bheith ina cheap magaidh an uile lá agaibh. Chuirfeadh a shíor-phastaireacht fearg ar an té is macánta: ó bheith i gcómhnaidhe ag tabhairt teallaireachta uaidh, is í nádúir an duine an tsíor-pheacamhlacht: an tuiteam i bpeaca go mion agus go minic. Leanbh an-chrosta seadh é, bítear ag síor-phriocaireacht air: gan stad ag gabháil de chun é do chur chun seaghamtha. Connus fhanann a mheabhair ag éinne ón síor-phléascarnach mar a mbíonn áthraighe aoir ghá ionsaidhe: an glór uathbhásach is an cnagarnach ná téigheann staonadh air. Ag síor-phalcadh bhídh ina bholg, an craosaire: i gcómhnaidhe ag sáthadh siar. Bochtanacht a shíor-phort san: aon rud eile ní bhíonn ar

siubhal aige. Is searbh an síor-phort: éirightear tuirseach, bréan den rud a bhíos ar siubhal ró-mhinic. Lé síor-phráisc chuaidh sé agus chaith sé a raibh aige: teasbhach croidhearg. Ag síor-phaidreóireacht sa tsáipéal ag déanamh a hanama: le húrnaighe an uile lá. Lé síor-racht feirge ní dheárna sé luach leathphingne. Caithfear an láir do dhíol, bíonn sí ag síor-raideadh: do ghnáth ag bacaladh lé n-a cosaibh deiridh. Bím ghá síor-rádh leis nách aon mhaith dho chur chuige go bhfuil sé ró-mhaith, ró-dhian do é do dhéanamh: mé luath mall ag fógairt air. B'é a shíor-rádh go dtabharfadh sé turus ar Éirinn lá éigin sara n-éagfadh sé: ní bhíodh ina bhéal is ina bhrághaid acht é. Dá mbeitheá chómh laidir lé capall ní sheasófá lé síor-ragairne: oidhche ar oidhche ag áirneán i gcuideachtain. Síor-rath Dé do shíor is do ghnáth. Peaca bocht dona mar me atá ag síor-réabadh aitheanta Dé: ghá mbriseadh in aghaidh an lae. Sid é síor-reacht Dé nách féidir do bhriseadh gan chúiteamh: an dlighe a sheasóchaidh choidhche. Is macánta an duine thu, ag déanamh an tsíor-réidhtigh: an uile-thráth ar thaobh na síothchána. Ní fhéadfadh sé síor-réim do bheith fé agus a dhícheall do dhéanamh: beathughadh is cothughadh do chongbháil ar fhuadar is éirghe anáirde. Is deacair duit puinn den tséan do bheith agat agus tú ghá shíor-riar: ghá thabhairt do mhórán. Bím tugtha, tnáidhte ó bheith ag síor-rith thall agus abhfus: ag gluaiseacht ar an gcúram so agus an gcúram súd gan suas. Ní féidir dréir deallraimh an chneadh do stad ó bheith ag síor-rith: othar ag teacht aiste gan chosc. Deirtear síor-rogha dhe ag togha na bhfear: gheibhim sé tosach i gcómhnaidhe. Talamh an-mhion atá annso ó bheith ghá shíor-roinnt: cuid do thabhairt don nduine seo is don nduine úd ar gach glúin. Ní maith an rud bheith ag síor-ropadh chun an ólacháin: bheith ag gabháil de gan sos. Bítear ghá mhaoidheamh go bhfuil an síor-ruagadh dhá chur ar na báid fé thuinn: teicheadh iomlán. Bítear ag síor-ruagairt ar na caoiribh ón síol féir ach ní dhéanfadh san é tagaid: gan faoiseamh ar bith do thabhairt dóibh. Bhíodar i bhfad 'si bhfad ró-láidir, ró-inneallta dhúinn do chuireadar an síor-ruathar orainn: chuireadar fán gan filleadh orainn. Ghluais sé uaim ina shíor-rás: gan aon chnúbháil. Ar do bheatha ná faghadh neach amach é sin uait, bíodh sé ina shíor-rún agat: deiscréid gan innsint choidhche. É ag baint síor-shásamh díom-sa as chionntaibh daoine eile: é im mhullach gan traochadh, gan chúis gan adhbhar. Bíonn aoileach maith ag síor-shaidhbhriughadh na talmhan: ag déanamh maitheas buain do. Níl aon easbhaidh fén spéir anois air ach ghá síor-sháitheadh féin lé gach nidh dá fheabhas: ag sásamh a uile mhian corpardha. Tá sé ag síor-shailiughadh laistiar: scamaill dhubha, troma bháistighe ag bailiughadh go tiugh ann. Bím god shíor-shamhlughadh im aigne féin lé cailín a bhuail umam bliadhanta buana ó shoin thar lear: ag machtnamh go minic ar an gcosamhlacht do chidhim eadraibh. Ná bíodh aon eagla ort lé cóngamh Dé ná go bhfaghair do shíor-shaoghal: buan, fada. Ár síor-shaoirse atá uaim, faic eile: ar feadh marthaine. Leig dom focal éigin do rádh fé shíothcháin is ná bí ghom síor-shárughadh: ag teacht treasna orm an uile uair a osclaim mo bhéal. Síor-scailp ar a croidhe de dhruim ar imthigh dá muinntir uaithi: brón trom ná scaipfeadh lé haon rud. Nách é atá go síor-scáinte, ní chuirfeadh aon tsaghas córach bláthas air: lán-lom, lán-chaithte. Faic ní bheidh i ndeireadh a shaoghail aige, bíonn sé ag síor-scaipeadh a choda: ag caitheamh is ag tabhairt uaidh. Tá síor-scamall ar mo chroidhe ag an tslighe atá cúrsaidhe ag dul im choinnibh: buadhairt fhairsing ná fágann. Riamh níor fhéachas ar Chnoc Bhréannain ná go mbeadh síor-scamallach: caipín ceóidh air furmhór na haimsire. An síor-scannradh chun tsaoghail is iongadh mara mbeidh rud aige: imshníomh an uile lá chun na breise do bheith aige. Deineadh síor-scaoileadh as an arm ortha: leigeadh leó gan buannacht do bheith feasta ortha ná aca air. Ár mbratacha síor-scaoilte lé gaoith: ag

crothadh go hiomlán is i gcómhnaidhe. Choidhche airís ní bheidh conbharsáid againn táimíd síor-scurtha ó chéile: deighilte gan aon táthughadh go bráth. Is brónach agus is uaigneach an rud lánamha is a gclann do bheith síor-scartha lé chéile: deighilte choidhche. Mara mbeadh an síor-scáthadh a deineadh ar an gcladhaire is minic do bheadh sé ar a dhá shúil istigh i bpríosún: an fhaire agus an fhothain ó am go ham. Airgead atá anois uait, maran é an síor-scéal agat é: an cúrsa céadna choidhche. Ná creideadh éinne focal uaidh mar ná téigheann aon lag air ach ag síor-scilligeadh éitheach: gan stad gan sos ar gach ócáid is iompódh ag innsint éitheach. Tá sé ar síor-sciobaigh chun airgid: níl dá thaidhbhreamh do acht connus thiocfadh sé air. Tá síor-sclaimh chun achrainn air: ní imthigheann a crot ná a deallramh de. Chualamair an tsíor-screadach laistiar chun na farraige orainn agus dhéineamair amach gur duine éigin a bhí dhá bháthadh: scread ar scread. Nách é an síor-scrios é gan oiread agam agus bhéarfadh go B'l'Áth Cliath me chun na bainise sin: díoghbháil go leanfaidh a deasca me. Sin é a cúram ó mhaidean go hoidhche ghá síor-scriosadh féin: ag gabháil dá glanadh féin gan tada eile do dhéanamh. Is truagh é do bheith síor-dhroch-shláinteamhail: ní heól do ach í. Chaith sé a shaoghal ar shíor-sheachrán: ag dul amugha an uile lá. Tá an síor-sheans riamh air, cothughadh dho air: an t-ádh ina fhochair gan a fhágaint. "Is go bhfuil púdar go tiubh dhá shíor-shéideadh leat is go mbeimís ar aon múchta": ghá chaitheamh gan staonadh. Ag síor-sheadadh chainnte as ó mhaidean: ag cur as is ag cur as. Caitheann síor-shileadh an chloch glas: an t-uisce ag tuiteam 'sag tuiteam de ló gus d'oidhche. Luingeas ag síor-sheóladh idir Shasana agus Éirinn: ag teacht is ag imtheacht in aghaidh an lae. Choirfeadh sé duine an lámh síor-shínte aige: amuigh ar lorg ruda gach uair do bhuailfeadh leat. Fan síor-shocair annsan agus ná bíodh a fhios ag éinne thu ann nó as: réidh gan cor asat. Choirfeadh sé neach ar bith a bheith síor-shuidhte i rith an lae: ins an ionad san gan cor. "Ag síor-shiubhal shléibhte is ghleannta": gan sos ar chois. Cad n-a thaobh nár bh'eól dom cad é an saghas áite é ná fuil sé síor-shiubhalta agam: go mion agus go minic. Gheibheann sé a shíor-shláinte san áit: sláinte mhaith. Dá mhéid tuargana a gheibheann sé tagann sé síor-shlán uaidh: gan aon rud do thárlachtaint do. Dá mbeifí ag síor-shléachtaint do shásóchadh sé é: ag cromadh is ag umhlughadh mar b'áil leis. Táim fé shíor-smacht aige, pioc dem thoil féin ní bhfaghaim: é im dhiaidh mar is áil leis. Ag síor-smaoineamh ar na nidhthe seo dho agus gan aon réidhteach aige ortha: é ag déanamh a mharbhna ortha i dtráth is in antráth. Nác eól duit nách fios cathain teacht don mbás go mbíonn sé ag síor-sméideadh orainn: a mhéar anáirde coitchianta aige chun glaoidhte orainn. Tá an bás ag síor-shnámh ar a chroiceann: ar gach aon phioc de: é ar bórd aige. D'fhág airgead a mhuinntire síor-shnas ar an mbarránach san: comaoin air a fhanfas air. Mo chroidhe dhá shíor-shníomh lé buadhairt: de ló agus d'oidhche me go buadhartha. Dúnadh an muileann, is baoghalach do bheith ina shíor-shos agus ina shíor-stad: go bhfuil deireadh ghá fhoscailt aige. Is maith is eól don saoghal mór nách síor-shocrughadh atá sighinighthe eadrainn féin agus Sasana: socrughadh seasamhach. Tá síor-sheódh déanta ag an gcois tinn chéadna dhíom: iomard is clipe buan déanta aice orm. Bíonn síor-sholas ar an éadtromán san i mbéal an chuain: solas ná múchtar in ao'chor. Síor-shoillse na bhflaitheas dot anam an lá déidheannach: na soillse ná raghaidh ar ceal go deó na ndeór. Síor-shoineann atá ar an gceódh tirim sin: soineann an-fhada. Ní holc é in ao'chor i gcóir a shaoghail bíonn sé ag síor-sholáthar: ag obair chun rud do ghnóthughadh go dícheallach. Síor-shonas guidhim duit: sonas fada, buan. Creid me leis go mbeadh sí síor-shona dar léi dá mbeadh sí mar mhnaoi agat: sásta seascair i rith a beatha. Sighneadh síor-

shos cogaidh idir an dá thír .i. ná héireóchaidís i dtroid airís chun a chéile. Bheadh sé ag síor-spalpadh éithigh gan aon nath do chur ann dá ndéanfadh maith dho: aon tuirse ná náire ní thiocfadh air. Chuireadar deireadh leis an síor-spairn a bhí eadartha leis na ciantaibh: achrann nár laguigheadh. Tá síor-spéis agam ann agus beidh: bíonn mo shuim ann i gcómhnaidhe. Chuir sé, faid mhair sé, síor-shuim i gcúrsaidhibh a dhúthaighe: bhíodh a aigne ortha agus d'oibrigheadh sé ar a son. Caith siar an deoch san ionat féin cuirfidh sí síor-spionnadh ionat: beidh a cuimhne ar feadh i bhfad agat. Deóra ina síor-shruth léi lé racht bróin: sruth bhuan. Chongaibh a shíor-shranntarnach im dhúiseacht i rith na hoidhche me: sranntarnach chómhnaidhtheach. Tá slaghdán trom fachta agat ar an síor-shraothartaigh atá ort: sraothartaigh airís agus airís eile. Mara mbeadh an tsíor-shrian a bhíonn leis aice raghadh sé thar chailc ar fad nuair thosnuigheann sé ar ól: an cosc gan faillighe. Tá sé chun síor-staid sa tigh ósda san anois, níl a bhac air, tá a leór-dhóthain airgid aige: chun gnáth-chómhnaidhthe ann. Ní chun síor-stuidéir do raghaidh sé, tá an iomad den ngliogaire ag baint leis: suaimhneas a mhairfeadh. An sáile ag síor-stealladh sa drom orm i rith na hoidhche: ag stealladh, stealladh. De shíor-stoc an cheanntair seadh me agus cuirfead in iúil é: príomh-aicme. Déineann síor-stalcadh d'fháiseannaibh óga ag an sioc: fanaid stangtha. Seadh, sa deireadh agus é tuartha go maith aige, tá sé ina shíor-shuan: codladh lé saoghal na saoghal. Tnáidhte tuirseach ó shíor-shuathadh na trucallach ar an mbóthar fada: an corruighe neamhshocair sall agus anall. An piscín is a mháthair ag síor-shúgradh: ag imirt lé chéile gan traochadh. Ar shíor-shúil féin do choimeád air tá sé chómh glic sin go mbuailfeadh sé an bob ort: gan t'aire do thógaint de. Táir síor-shúighte tar éis t'iomaird: cuma shúighte thairngthe ar gach pioc díot. Síor-shult bheith ag éisteacht leis, is aige atá scéalta grinn na cruinne: sásamh buan aigne. Ní fhéadfainn foidhneamh a thuilleadh lé n-a shíor-shuthaireacht chaitheas chuige a chuid oibre: míoshástacht is canntalacht ná tagadh aon deireadh air. Síor-thabharthas ó Dhia seadh bheith i dtreis lé duine chómh macánta leis: aiste a dhéanfadh maith an uile lá ded shaoghal dhuit. Sa tsaoghal úd bhíodh sé síor-thugtha do bheith ag turasadóireacht orainn: rud fíorghnáth leis dob eadh é. An-lághach, an-mhodhamhail a bheadh sé ach bheith ag síor-thabhairt do: gan é d'eiteach choidhche. Cad é an mhaith bheith ag síor-thafant ar dhuine neamh-fhéicheamhanta: bheith ag lorg is ag lorg air rud do dhéanamh. Ní mor do síor-thafant chun gach rud: ag iarraidh ruda air mar bheifeá ag déircínteacht. Ar an síor-thagairt a bhíonn ort do ní fuláir nó tá an diabhal féin de thinneas ghá dhéanamh aige dhuit: go mórghlórach ina thaobh. Ughdar maith seadh é, ní fuláir deineann staraidhthe síor-thagairt do: is iomdha uair do thráchtaid air. Ar a neamhchainnteamhla bhír ní fuláir nó bír ag síor-thaidhbhreamh: ag machtnamh 'sag smaoineamh go buan is go dlúth. Má bhír ag síor-theasbáint do chuid eólais déarfar gur ceólán thu: leis gach éinne is gach uair ghá chur in iúil. Ní raghadh faic de, bheadh sé ag síor-thaighde go bhfaghadh: leisce ná duadh ní chuirfeadh air. Gaibheann síor-thaisireacht na háite go smior tríom: taisireacht ná scarann in ao'chor liom. Leanfadh sé ar fuaid an domhain í ar an síor-thaithneamh do thug sé dhi: grádh trom buan. An ghrian ag síor-thaithneamh ortha ar shliasta an tsléibhe: ó ló go ló. Dheineadar eólas an oileáin díreach agus dá mbeadh síor-thaithighe aca ann: aithne na mbliadhan. Tá an uile ghanna síor-thearc fé láthair: deacair d'fhagháil ar gach cuma. Síor-thamall atá uait ar mo leabhar is ná fuilir ghá fhilleadh orm?: é do chongbháil ar fad. Chaith sé síor-thamall ann, an fhaid is go mbeadh a ghnóth críochnuighthe aige dá mbeadh a fhonn air: seal fada. Thugadar seachtmhain ó thigh tábhairne go tigh tábhairne ag síor-thaoscadh dighe: ag ól gan traochadh. Budh bheag ar an mbleaigeárd san síor-

tharcuisne do thabhairt duit: easmailt a leanfadh duine. Ag síor-tharrac ón siopa chun a chuid stuic ní maith an cómhartha feirmeóra é: gach aon uair a bheadh rud ag tastáilt uatha. “An bhfuil dúil mhór i dtobac agat?” – “bím ag síor-tharrac”: ag ól gan an phíp do leigeant as mo bhéal. Ag síor-tharrac cónganta dhom: ghá rádh liom do shíor is do ghnáth go gcabharfadh liom. Ar an méid uisce d’ólair ní fuláir nó bíonn síor-thart ort: tart ná scarann. “Gach aon lá bhuailfeadh sé leat gheallfadh go dtiocfadh” – “sé an síor-theacht aige é”: ní chóimhlíonfadh a gheallamhaint choidhche. Ní maith agus ní cóir bheith ag síor-theangmháil leis an ndigh: ag baint braoin as i gcómhnaidhe. Istigh sa bhannc tá síor-theannta aige-sean nách gádh dho aon eagla go bhfeicfidh sé lá bocht: taca a sheasóchaidh do – airgead. Mara mbeadh bheith ag síor-theannadh leis bheadh thiar air: bheith ag tabhairt cabhartha gan staonadh dho budh bhocht an scéal aige é. Bíonn, caitheann a bheith, bata ina shíor-theannta aige: gach uair do chuireann roimis siubhal nó corruighe. Tá an tsúil sin síor-thinn cé ná fuil rian ná faic uirthi: tinn gan cneasughadh. An síor-thinneas is an tsíor-theinnidheacht atá ceangailte isteach im sean-chnámhaibh: ná fagann leathuair iad. Ó Luan go Satharn bíonn sé ar síor-thiomáint: gan sos ar pé rud a bhíos ar siubhal aige. Chómh luath agus thiocfaidh flúirse an tobac airís beidh síor-thiomáint air: glaodhach is ceannach mear tapaidh. Bíonn síor-thiomáint ar earra mhaith, etc.: lorg is tógaint phras. Sé a bhfuil de chúram air síor-thionnlacan stuic: bheith ina ndiaidh i gcómhnaidhe. Is in ár sean-thigh-ne do bhíodh síor-thionól na gcómhursan: is ann do bhailighidís de ghnáth chun cuideachtan. Thagadh ón bhFrainnc le linn m’óige luingeas iascaigh go síor-thiugh go luath san Earrach: bliadhain ar bhliadhain. An scórnach síor-thirim aige: fonn na dighe go dúbhluighthe ann. An gcaithfear bheith ag síor-thláithínteacht leat chun ruda do dhéanamh: ag cuimilt baise dhíot go lághach. Ar an síor-thnúth mhaireann sé: ag braith ar gach éinne chun láimhe do shíneadh chuige. Dia síor-thobar na ngrást is na huile-mhaitheasa: is uaidh do rithid is ní ó neach ná áit eile. D’fhág imtheacht mo ghrádha síor-thocht ar mo chroidhe: ualach ná scaipfidh. Léan ortha mar ainmhidhthe, táid ró-leice ar fad, ní fheaca riamh iad ach ar síor-thógáil sa dubhluachar: i gcómhnaidhe in uireasbhaidh cineáltais do thabhairt dóibh. Shiubhlófá seal fada sar bhfaghfá a bhualadh, fear síor-thoghtha atá ann: ar fheabhas amach agus amach. Ceárdaidhe maith atá ann, a rian air bíonn síor-thóir air: daoine ar a lorg chun oibre do dhéanamh dóibh. D’órduigh Stailín síor-thoiteán do dhéanamh um chúladh a airm anuiridh ó shluaightibh na Gearmáine: gan aon rud d’fhágaint gan loscadh. An síor-thormas a bhíos aige a chráidhfeadh tu budh dhóigh leat ná raibh faic aige féin is gach aon rud ges gach éinne eile: gan aon stad ar a chuid cnáimhseála. Dá fheabhas a dhéanfá do dhícheall ar bheith roimis bheadh síor-thosach aige: é rómhat an uile uair. Is é a shíor-thosnuigheann gach iomard sa teaghlach so, mara mbeadh é ní bheadh focal mícheadfaidh eadrainn: is é is bun leis. Mé ag éigheamh air trí fhiadhantas na hoidhche is a ghuth ina síor-thost: gan aon tor ná freagra. Bíonn síor-thrácht ar an mbaile céadna, ní rabhas riamh ann ná go bhfeicfinn sluaighte isteach ’samach i siopaidhibh ann: gnóth beódha, anamamhail. An lá fiadhain úd do chuadhabhair treasna an chuain beidh síor-thrácht air: cainnt faid bheidh cuimhne ges na daoinibh. Ní dhíolann sé oiread in aon lá agus dhíolfadh duine eile ach tá síor-thrácht aige: ceannaidheacht bhuan, cómhshnáthach dhá dhéanamh uaidh. Is é tuairm an dochtúra go bhfuil síor-thrághadh dulta ar an gcnapán: é luigheaduighthe ar fad agus go bhfanfaidh mar sin. Nách síor-thráthamhail thagann sé i gcóir dighe: díreach ar an am gceart chun í d’fhagháil lé tnúth. Ag síor-threabhadh an tsaoghail d’iarraidh maireachtaint: gan staonadh ag tuargaint leis. Fear

síor-thréan, tá sé chómh maith, chómh gníomhach indiu agus bhí dathad bliadhain ó shoin: gan pioc dá bhrigh tráighte. Saighdiúiridhe bochta dhá shíor-threascairt 'na lia áit leis an gcogadh diablaidhe seo: an uile uair den ló agus den oidhche. Chuir súd in iúil é do bheith síor-thréitheach mara mbeadh go raibh ní sheasóchadh sé an gleódh chómh fada: lán de dheagh-ghníomhaibh agus buan. Siar atá mo shíor-thriall agus siar a raghad: sin é an áit atá fúm choidhche do bhaint amach. Tagann síor-thrithidhe air, budh dhóigh leat a sciobfadh chun bóthair é: trithidhe casachtaighe go ndubhann is go ngormuigheann aige. Ní bheidh de bharr na síor-throda againn ach síor-chnúbháil: cur-siar trí buan-achrann. Síor-thrócaire Dé chughainn agus ár gcosaint ar an anachain seo atá ag scrios tíortha: an trócaire iongtach, iomadamhail gan chrích gan deireadh. Is cuma dhíbh ach an síor-throm do bheith orm-sa: mise do bheith coitchianta ag iomchar bhur mbroide dhíbh. Budh chuma cad é an dearbhadh a deineadh air ghá dhaoradh sa ghníomh b'é síor-thuairm a mhuinntire ná raibh aon bhaint aige leis: níor bh'fhéidir a áiteamh ortha. Pé áit de bhallaibh an domhain go mbíonn sé tagann síor-thuairisc a imtheachta uaidh: gan aon bhriseadh. An tsíor-thuargaint ón gcasachtaigh ghránda so i rith na hoidhche a shúghfadh an t-anam asat: an suathadh is an tiomáint gan faoiseamh. Sínte go neamh-shocair ar an leabaidh di ag éisteacht lé síor-thuairt na saighdiúiridhe ag gabháil thart: glór cómhnaidhtheach. Síor-thruagh atá ann anois ná fuil éinne fágtha aige ach é féin, iad árduighthe chun siubhail ag an mbás: truagh bheatha. Cad fáth ná tagair ar ár dtuairisc lá éigin, bímíd ag síor-thnúth leat: an uile lá ag súil go dóchaiseach leat. Síor-uathbhás a leithéid in aon dúthaigh: eagla a leanas i bhfad bhfad. Bíonn sé do shíor-ualach ar Chaitliocaidhe dul chun faoisdine uair sa mbliadhain: ó bhliadhain bliadhain. Mhair sé i síor-uamhan roim ainmhidhthe fiadhaine na coille a bhíodh ag uallfartaigh. Is eagal liom ná déanfaidh sé aonnidh cóir choidhche, ag síor-útamáil a bhíonn sé: gach gnóth go mío-shlachtmhar aige. D'fhiafruigheas de cad í an tsíor-útamáil a bhí ar thóin a phócaidhe aige: an cuardach is an ghíotáil gan stad. Nuair bhíonn speal tugtha ag eisean téighim-se ina ionad agus eisean im ionad tar éis mo speile, sin mar dhéinimíd síor-uanaidheacht ar a chéile: mar fhuasclaimíd a chéile diaidh ar ndiaidh. Sid é áit an tsíor-uisce: a bhíos fliuch go cómhnaidhtheach. Bíonn síor-uireasbhaidh air, is a rian air, an t-aindeiseóir: ceal coitchianta. Bead síor-ullmhuighthe id chóir: réidh i gcómhnaidhe. Ní lé cion air do bhíos síor-umhal do faid bhíos fé n-a smacht ach lé síor-eagla: umhal gach tráth ar gach ócáid. Connus coimeádann sé síor-úire a ghnéithe?: an chuma óg, bheódha choitchianta. Is cosamhail go mbeidh na hoileáin atá tógtha anois aca ar síor-urlámh aca: ina seilbh feasta. Cuirfead-sa iachall air síor-urraim do thabhairt dom dá mbeadh orm a dhrom do bhriseadh tríd: meas an uile lá dá saoghal. Raghainn i síor-urradhas dhuit air go gcóimhlíonfadh sé aon gheallamhaint a thabharfadh sé uaidh: raghainn fé dhuit go toilteanach agus an uile uair. Plúr is té b'é a síor-úramh, is níor mhaith an cothughadh san: a gcuid bídh de ghnáth. Budh mhaith an fear é mara mbeadh an tsíor-éagcóir do bheith dhá dhéanamh air: gan comhthrom dhá fhagháil luath ná mall aige. Bíonn an ghaoth ag síor-ionfairt na mbláth is ní fearrde iad é: ghá gcorruighe gach uair do shéideann sí. Chonnac mo shíor-dhóthain de: oiread de is go bhfuaireas lán builg. Bíonn an fharraige síor-chonntabharthach: an baoghal choidhche ag baint léi.

síorach: *a.* táir. Seáinín síorach suarach Seán ruadh na gcailínidhe: táir: dí-mheasa.

siorc: *f.3.* teog, priocadh preibe, caitheamh mear. An siorc gleóidhte thugadh sé don ndaradha nuair phriocadh breac ar a dhubhán: tarrac obann cruaidh. Siorcanna láidre aige

dhá bhaint as an dtéid d'iarraidh bailighthe leis: tairric obanna, cruaidhe. Rug sé ar earball casóige orm is bhain siorc siar asam: tarrac obann.

siorcaim: *b.a.* caithim, tairngim de phreib. Nuair bhraithir an t-iasc ghod phriocadh siorc an daradha is raghaidh an t-iarann ann: tabhair teog do: bain stracadh obann, cruaidh as. Siorcadh a cheann is do goirtigheadh é: stracadh nó caitheadh go hobann ar thaobh é.

síordha: *a. n-dh.* síorraidhe, cómhnaidhtheach, buan, do-chuimse. Trócaire síordha Dé nár chaillimíd: gan teóra. An saoghal síordha atá roimis an bpeacach bocht, dall, is ná feadar cá triall: gan críoch, gan deireadh. Damaint shíordha ghuidheadh sé dhom toisc me bheith ghá chiapadh: damaint ar an saoghal eile. An crádh síordha atá ar mo chroidhe istigh ná fuil aon leigheas agam do: cómhnaidhtheach.

síorraidhe: (**síoraidhe**) *a.* síordha, bioth-bhuan, marthanach, suthain. Damaint shíorraidhe atá i ndán dom anam ar an olc do thagann orm chuige is a ndeinim d'eascainidhibh air: creach anama go deó na ndeór. A Athair Síorraidhe! gcloistí cad deir sé?: lé hiongadh mór so. A Athair Síorraidhe! tá an fear báidhte. A Dhia Síorraidhe uile-chómhachtaigh, tabhair dúinn breis chreidimh, etc.: gan túis gan deireadh. Go síorraidhe bím ghá chómhairleach an deoch do sheachaint: moch mall: ní théigheann aon lag orm ach é. "...óir beidh a n-ungadh go deimhin 'na sagartacht shíorraidhe ar feadh a ngeinealach" (Ecs. XL. 15): choidhche go deireadh. "...ní dearmadthar go bráth a milleadh síorraidhe" (Ier. XX. 11): an bheatha lé teacht do bheith caillte aca. Dia go dtugaidh an bheatha shíorraidhe dot anam: an saoghal eile ná bí críoch ná deireadh air. Galar fada ní abrann síorraidhe bréag: tuar báis coitchianta seadh é. An tart síorraidhe nách féidir dho smachtughadh: coitchianta an dúil chun an ólacháin air. Sin é mar gheóbhfá cuid des na daoinibh go síorraidhe: choidhche: gan aon athrughadh ar a ngníomh. An t-anam síorraidhe os chionn an uile ruda: an t-anam do-mharbhtha. "Agus musclóchaidh mórán den ndruing chodlas a luaithreadh na talmhan, cuid chum beatha síorraidhe agus cuid chum náire agus tarcuisne shíorraidhe" (Dan. XII. 2): an bheatha do-chuimse, gan teóra. "Agus imtheochaid so a bpianuid shíorraidhe; acht imtheóchaidh na fíréanaigh don bheatha mharthanaigh" (Matha XXV. 46): ná beidh aon deireadh ná aon fhaoiseamh leis. As an méid atá déanta agat do beidh sé ghod mholadh go síorraidhe: gan aon stad, agus faid mhairfidh sé. Leig dom féinig leis, táim clipithe aige, níl air sin ach an gearán síorraidhe: gearán áirighthe a chlaoidheann leis. Dá mbeinn síorraidhe ag tabhairt do b'é an buidheachas céadna aige orm é: ag tabhairt do gan doicheall is gan stad. Bír síorraidhe i mullach an chinn orm: ar gach caoi dá bhfaghair.

síorraidheacht: (**síoraidheacht**) *b.3.* an bheatha shuthain, mharthanach; buancas aimsire. A Dhia na síorraidheachta, beir id ríoghacht me: Dia ná beidh críoch ná deireadh leis ná lé n-a ghlóire. I rith na síorraidheachta ní dhéanfá é d'iomchar: dá mbeifeá ag gabháil de choidhche níl aon dul agat air. Tá Dia ann ón uile shíorraidheacht roim an uile shaoghal: gan tús gan deireadh. An tsíorraidheacht fhada a chuireas an crithniughadh orm: an saoghal tar éis m'éagtha. Níor shia liom an tsíorraidheacht 'ná bheith ag feitheamh leis: an saoghal tar éis mo bháis. Ar an gcrot atá air ní fada uaidh an tsíorraidheacht: ní fada ná go bhfaghaidh bás. Cuirfir 'on tsíorraidheacht thu féin leis an saghas san: chun báis. Ní lé fonn cúitimh atá sé ag tabhairt do choda dhuit ach lé heagla na síorraidheachta: eagla ná beadh suaimhneas anma aige ar an saoghal eile. Bhí a athair

sa tsíorraidheacht sara rugadh é: ar an saoghal eile: tar éis bháis. An tsíorraidheacht bheannuighthe dot anam: i bhfochair Dé go raibh sé.

siortach: *b.3.* bean nó cailín mío-mhánla; striapach. Ag imtheacht ina siortaigh ges gach éinne sin mar tá mo speal: tamall ges gach duine uirthi a loirgeas í. Ní bheadh súil lé malairt drochchainnte ó shiortaigh mar thu: bean mí-mhanla: gháirseamhail.

síorughadh: *f.* (*-uighthe*) d'fhadughadh, buanughadh. Ag síorughadh a ghreama orainn atá an cíos trom so dhá chur orainn aige: do bhuanughadh. Ní síorughadh ar an mbróig an drochbhonn san: fadughadh: buanughadh.

síoruighim: *b.a. 7 n-a.* faduighim, buanuighim. Ní shíoróchair san ionad tá eagla orm, tá an iomad iomard ag éirghe dhuit: ní bheir buan ann. Cad a shíoróchadh mo bheatha, a dhochtúir?: a thabharfadh faid saoghail dom.

síos: *d-bh.* fé dhéin ionaid níos ísle nó níos íochtaraighe, ag tuiteam lé fanaidh; mar leanas; ó thuaidh; íseal i luach; ar lár; leagtha, bocht, dealbh, chun deireadh. B'fhearr liom me féin do chaitheamh síos lé faill mara 'ná rud chómh héagcórach leis do dhéanamh: dá barr go bun. Druid síos an pláta leis: fé dhéin íochtair an bhúird. Ná druid síos sa leabaidh: i dtreó na gcos. Síos go lár na hÉireann a chuaidh sé chun cómhnaidhthe: sa treó san ó ionad na cainnte. Cuir uait síos an madra san: ó threó na teineadh. Cuir síos an t-airgead ar an mbórd. Ní féidir me do chur síos agus do dhícheall do dhéanamh: do chur ar lár: fé chois: buadhachtaint orm. Cad fáth dhuit bheith ag cur síos orm leis gach éinne a bhuaileas leat: ag trácht orm ar m'aimhleas. Ní maith é an cur síos: cúlchainnt. Ní chuirfinn síos d'éinne é: ní bheinn ar thaobh éinne ina choinnibh: dhéanfainn tacaidheacht leis. Chuirfinn geall síos leat nách mar sin a bheidh: dhéanfainn tacaidheacht ar mo thuairm lém chuid airgid. Cé go rabhadar go maith as tamall dá saoghal táid síos anois: bocht dealbh. "An té a bhíonn síos luightear cos air, agus an té a bhíonn suas óltar deoch air": lom, bocht sa tsaoghal: ar lár. Tabhair béal an áruis síos: bíodh a bhéal fé agus a thón anáirde. É do ruagadh síos go hifreann: gan stad leis go sroichfeadh sé é. "Síos seal, suas seal": tamall go bocht nó gan meas, tamall eile fé réim. Síos lé n-ár namhaid!: ar lár leo: fé chois iad. Iompuigh an taobh síos suas de: an taobh atá fé bíodh sé anáirde agus an taobh atá anáirde fé. Cé gur iompuigheas an tigh síos suas ar a lorg, pioc de ní bhfuaireas: chuireas gach aon rud ann trí chéile. Connus théigheann a chuid cainnte síos leat?: thaithnigheann. Níl an tsláinte ar fheabhas aige, ní hé gach aon tsaghas bídh a théigheann síos leis (aige): a réidhtigheann leis. Ná bíodh aon tsíos ná suas agat leis sin nó beir in aithreachas: conbharsáid: baint. D'ith sé rud éigin a ghoill air is bhí síos suas i rith na hoidhche air: dobuan agus úirleacan. Laistiar síos díom-sa ghaibheann a chuid cainnte sin: ní ghoilleann sí pioc orm. Is bocht an saoghal é seifteanna síos is earraidhe suas: gan ortha ach luach beag. Luigh síos! a mhadra: buail fút ar an dtalamh: fan socair. Téighir síos cois farraige: gluaiseacht ó áit tamall isteach fén dtír. Síos cois na tuinne seadh leigeas-sa an fáinne amugha etc.: seal ón áit seo lé hais mara. Chuaidh an t-áthrach síos (go tóin puill): chuaidh sí fé uisce. An raibh an saoghal síos suas riamh mar tá sé ag an gcogadh so?: bun os cionn: trí chéile gan aon chlódh ceart ná socair. Mórán crann síos tar éis ghála na hoidhche airéir: leagtha: ar lár. Órdughadh dian, láidir fachta ag feirmeóiridhibh gan an churadóireacht do bheith síos ar eagla gorta: chun deiridh. Ó, a

mhic ó, ní raibh aon easbhaidh ar neach annsúd, bhí biadh siar síos dos gach éinne: flúirse Dé. Níor ghádh dhi siúd bheith ag lorg bhí go haonnidh siar síos aice féin: tarrac ar aon rud a theastóchadh uaithi. Ná cuir síos an méid sin im choinnibh: ná cuir i dtuairisc é. Cuir síos dom ar cad é an tsaghas áite é: déin trácht air. Chuir sé síos ár ngaol lé chéile: chuir isteach: d'áirmhigh é. Cuir síos an císte: cuir chun a bhácálta é. Caithfear a thuilleadh do chur sa lóchrann so, tá sé síos go dtí n-a bhun: íslighthe trí ídeach. Chuir sé tríd an dtalamh síos lé náire me: bhíos mar bheadh an talamh ghom shlogadh. Dubhairt Stailín go ndóghfadh sé an Rúis síos go cré: ná fágfadh sé faic os chionn talmhan. "Táir ag fás go mór" – "táim síos ar nós earball na bó": i dtreó na talmhan. Cé gur gaol do me ní labharfadh sé liom lé ceann síos orm toisc me bheith chómh bocht: mí-mheas. Tá fuacht anocht ann cuirtear síos teine mhaith: aduightear. Tógadh seómra síos as: as ceann den gcistinn. Ag seóladh síos leis an abhainn: sa treó ina ritheann sí. Ag méaráil síos air: tímcheall a ghabháil. "Céaca is fearr?" – "táid síos suas lé chéile": tímcheall mar a chéile. Tríd síos tá sé go holc: ó thosach deireadh. Ag seo síos na hainmeacha: mar luaidhtear in ár ndiaidh iad. Go raghad síos 'on talamh ('on uaigh) cuimhneóchad air: go bhfaghad bás. Ní tusa ach mise bheidh síos lé cúrsaidhibh an lae indiu: a bheidh caillte leis. An té a bhíonn síos indiu bíonn sé suas ambáireach: ar lár: bocht: gan gustal an tsaoghail. Ní bhfaghfá aonnidh sa tsiopa úd ach ar airgead síos: airgead d'íoc ar an láthair. Thuit mo chroidhe síos im bhrógaibh le scannradh go raibh buaidhte orainn: d'imthigh mo mheisneach. Thuit a ghéaga siar síos leis lé hanabháthadh: d'imthigh an lúth asta. Gach aon rud ag imtheacht tríd síos: gan aon stad ghá dhéanamh ag an mbiadh ina ghoile. Leig síos do ghúna ort: íochtaraigh é: foiligh a thuilleadh ded chosaibh leis. Síos suas an tsráid os chómhair an tsiopa is fógra dhá iomchar aca: ó bharra na sráide go bun is aníos. Chuaidh soc an chéachda síos go grinneall: fé bhun na húire agus an ghuidhin. Breac síos a bhféadfair de chainnt na ndaoine: cuir ar pháipéar. Ní raghaidh ár dtír síos choidhche is a rádh ná fuil sí thíos fadó: ar lár: chun deiridh: ní bhfaghfar an lámh uachtair uirthi.

siosaireacht: *b.3.* siosmairt, glór mar dhéineann gé ag cosaint a hóg, cogarnach. Fiú amháin in eaglais Dé féin chidhfeá mná ag siosaireacht: ag cogarnaigh. Cochall ar an gcat is é ag siosaireacht: ag déanamh glóir trís na fiaclaibh lé feirg. Chuir sé buile chroidhearg air na daoine bheith ag siosaireacht fé: ag déanamh glóir trí n-a bhfiaclaibh fé lé mí-mheas air. Ná creid focal de im thaobh, níl ann ach siosaireacht droch-chómharsan: cogarnaghail thromaidheachta. Chuireadh sé uaigneas orm an ghaoth ag siosaireacht i nduilleabhar na gcrann os mo chionn san oidhche fhada: glórghail: monabar.

siosarnach: *b.2.* monabar, cogarnaghail, glórghail. Siosarnach na gaoithe tríd an gcoill: an glór cruaidh, chaol do ghní sí ag corruighe an duilleabhair. Níl aon bhaoghal ná go raibh daoine ann, mar chuala an tsiosarnach go soiléir cé nár thuigeas faic: glór tapaidh fuaimeann. Stadaim ag éisteacht siosarnaighe an mheaig!: an glór cruaidh, mear a bhíos aige. Siosarnach moncaidhe. Ní mór ná go dtuitfeadh mo chodladh orm ó shiosarnaigh na habhann: monabar a ghníos rith an uisce. Ní thaithnigheann an tsiosarnach ghaoithe sin liom, mo thuairm go bhfuil síon air: an glór a bhaineann sí as nidhthibh. Siosarnach éithigh is mó bhíos ar siubhal aca: ag cainnt is ag cogarnaigh ós íseal ar dhaoinibh. Aon fhocal d'bhur siosarnaigh ní thugaim liom: glórghail do-thuigthe ina gcuid cainnte. Ní mór go dtuigfeá é, bhí sé ag siosarnach ón bhfuacht: a fhiacla ag cnagadh ar a chéile sa chainnt.

sioscadh: *f.* (*-ctha*) sileadh, do thuiteam nó ghluaiseacht ina bhraon is ina bhraon. An t-uisce ag sioscadh anuas cliathán na carraige: ag teacht ina shrutháinín caol. Na deóra ag sioscadh lé n-a ghruadh: ag rith léi ina gceann is ina gceann. An t-othar ag sioscadh as an gcneadh: ag fuscadh amach aiste. An coirce ag sioscadh – é ró-aibidh: an gráine ag tuiteam. An gráine ag sioscadh as an mála: ag teacht trí mhionpholl. Cainnt ag sioscadh uaidh mar bheadh sruth: ag teacht go flúirseach.

sioscaithe: *a.r.* néata, triopallach, sciotuighthe, gasta, toghtha. Dá bhfeictheá gur deas sioscaithe an cúl atá aice: giobtha, gasta, cóirighthe. Luach mór ar ubhlaibh sioscaithe: toghtha. Té sioscaithe é sin: té toghtha lé n-a fheabhas.

siosma: *f.4.* achrann, áiteamh, cur in aghaidh, deighilt, cogarnach, treithear, ranngcás. Siosma an anama leis an gcorp: an t-áiteamh a bhí aca ar céaca budh chionntach leis na corthaibh. Tá sé féin agus an bás ag siosma lé chéile: i gcruadh-chómhrac. Bídh d'aon bhuidhin agus ná bídh ag siosma lé chéile: ag argóint agus ag áiteamh. Is fada gur labhradar lé chéile, tá siosma éigin eatartha: tuiteam amach: deighilt. Gach aon ollmhaitheas i gcóir na bainise aca beidh siosma an domhain aca: rí-rá is ranngcás: scléip. Bíonn an oiread san éan bailighthe ar an oileán lé linn neaduighthe dhóibh go mbodharfadh a siosma thu: an treithear 'san coimheascar a bhíos aca.

siosmach: *a.* áiteamhach, imreasach, clamprach. Choidhche ní réidhteóchaimís lé chéile, duine ró-shiosmach atá ann: achrannach. Ní raibh focal siosmach eatartha riamh, mhaireadar go grádhmhar i bhfochair a chéile: cainnt chlamprach. Níor mhaith liom puinn cainnte do chur air, tá sé ró-shiosmach, ní mór go leigfeadh sé focal as bhéal dhuine: treasnálach: áiteamhach.

siosmairt: *b.2.* glór na gé nó nathrach nimhe, mar bheadh lé heagla nó feirg, mar dhéanfadh uisce ar thuiteam ar iarann the nó gal beirbhthe; cogarnaghail, cómhchainnt ós íseal. Tá sé ina shiosmairt choitcheann chainnte go mbeid ag pósadh tar éis an Charrghais: ag imtheacht tímcheall ó bhéal go béal. An bhfeacaís riamh beirt shean-bhan ag siosmairt lé chéile?: ag cómhchainnt. An ghé ag siosmairt ar an madra ag cosaint a caislínidhe air: glór fada caol trí n-a gob lé feirg. An gála ag siosmairt trí théadaibh is cáblaidhibh na luinge: glór feadghala aige. An citeal ag siosmairt ar an dteine: glór ag an ngal beirbhthe ag éalódh as.

siosúr: *f.1.* $_{7}$ *3.* gléas geárrtha i ndéanamh deimhis. Siosúr, misiúr agus cailc: gannaidhe an táilliúra féin. Tá siosúr chun cainnte uirthi: teanga ghearrtha, ghonta aice. Tabhair an siosúr do. Gearraidh lé siosúr é.

siosúrdha: *a. n-dh.* gonta, géar, colgach, nimhneach. Nár mhaoidhidh Dia a shaoghal ar an té go dtabharfadh sí siúd a teanga siosúrdha dho: géar: masluightheach. Ní fhéadfá aon tseasamh cainnte do dhéanamh leis, tá sé ró-shiosúrdha: gonta, geárrthach. Is dócha, mhuise, a dhuine, gur deacair réidhteach leis, sin é cuma siosúrdha atá air: "beárrtha": colgach, nimhneach.

siot: *f.3.* glór, callán, gleódh. Chuir sé siot-gháire as fúm: gáire nách le gean ná sult. Ná bíodh siot asat go haimsir codlata: glór eile ná cloisim asat. Beidh sé chughainn anois agus siot, fuaim, fothrom aige lé buaithré chun oibre: callán is suathadh.

síoth: *f.3.* síonán, siolladh. Tháinig síoth gaoithe an lá úd a scrios an ceann de gach fás a bhí fé n-a bhrághaid: gaoth fhuinneamhail, láidir. Ghaibh sé an cnoc amach mar gheóbhadh síoth gaoithe: scalla gaoithe a bheadh ag baint phréach as thalamh.

síoth: *f.3. b.2.* ciúnas, síothcháin, suaimhneas, socracht, séimheacht. Síoth ná suaimhneas ní tugtar sa tigh chéadna dhom: nuair ná bíd ag bruighean liom bíonn gleódh aca a bhodharfadh duine. Tá breis síotha ar an mbóchna indiu, níl an fothrom úd go léir aice: suaimhneas, ciúnas. Dá fhaid bheid ag troid ní fuláir dóibh teacht chun síotha fé dheireadh: stad dá gcoimheascar. Seadh, dá fhaid é féin agus an bás ag tuargaint a chéile, tá sé i síoth leis, níl aon ghnóth cainnte agat leis: muinnteardhas.

síoth-: *i gcfbh.* suaimhneas, síothcháin. Ní deacair é do chur ceangailte i nduine, níl sé síoth-aigeanta mar bheadh duine eile: sochma. Mara mbeadh síoth-aigeantacht an duine is fada fuar go maithfeadh sé a ndeárnadh leis: fusacht a cheannsughadh. Bead chómh síoth-aighneasta leis agus fhéadfad: labharfad chómh mín agus is féidir liom. Mo shíoth-bheannachta leat siar: beannacht go leanaidh suaimhneas agus réidhteach. Shuidheadar i síoth-chómhairle, ár dteachtairidhe-ne lé teachtairidhibh na tíre eile: cómhairle chun suaimhnis do dhéanamh idir an dá thír. Ar an aighneas goirgeach atá agat ní har síoth-chuaird do tháinighis: cuaird réidhtigh ná suaimhnis. Na síoth-mhaoir atá againn sa tír seo gárdaidhe do tugtar ortha: oifigidhe ceapuighthe chun suaimhnis is réidhtigh do choimeád ameasc na ndaoine.

siota: *f.4.* peata, leanbh deiliúsach, mío-mhúinte. Tá siota brollaigh déanta agat de: peaca baclann: leanbh go mbítear ag síor-pheataireacht leis: ghá chuimilt is ghá bharrógach chun gnaoi do chur air. "An siota is a mháthair", agallamh idir bhuachaill tighearnamhail, mío-mhúinte agus an mháthair a bhí fé smacht aige. Siotaidhe clainne a thóg sí, a rian ortha, táid gan mheas gan urraim di: teallairidhe a laiteadh trí n-a dtoil féin do thabhairt dóibh. Smacht budh chóra don siota san: an rud droch-mhúinte sin fios a bhéas b'oireamhnaighe dhó.

síota: *f.4.* an cúinne íochtair thiar de sheól nó an téadán ceangailte dhe sin chun an tseóil do bhogadh nó do theannadh sa ghaoith. Bog do síota: scaoil leis (nuair thagann cóch etc.). Tairng isteach do shiota: cumhanguigh é: caoluigh air: ciorrbhaidh é, etc. Ná scaoil léd shiota ar fad: ná bíodh an iomad mór-chainnte agat. Tabhair an siota dhi: láintseól: déin an méid siubhail agus is féidir.

síothach: *a.* ciúin, socair, sochma, deagh-aigeanta. Táthaoi go síothach grádhmhar annsan lé chéile: go tláith: socair, ceanamhail: gan achrann ná gleódh. Labhras chómh síothach leis agus b'fhéidir liom, ach níor mhóide a fhonn réidhtigh liom é: chómh cneasta, soilbhir agus b'fhéidir liom, ach budh bheag an mhaith sin. Dá mbeadh an fharraige níos síothaighe ná mar tá sé ní raghainn in aonfheacht leat uirthe mar is beag é m'iontaoibh asat: níos ciúine agus níos socra. "Connus réidhtigheann sibh lé chéile an

aimsir seo?" – "síothach gan bheith grádhach": macánta ach gan aon chion. Tá na tíortha síothach gan bheith grádhach: gan iad i gcogadh ach ag faire ar a chéile.

siotalach: *f.1.* peata nó teallaire leinbh, táthaire. Níl duine clainne aice ná gur dhein sí siotalach de: chuirfeadh a mí-iomchar déisteann ar dhuine: leanbh tagarthach, mí-bhéasach. Bain barra na cluaise sin díom-sa go múinfear béasa fós duit-se, a shiotalaigh: táthaire: duine a bhíos ag treasnaghail nó gearr-aighneasach. Coimeádfaidh a máthair aice féin ina siotalach ar an dteinteán í: peata ceanamhail. Bhuail siotalach chugham isteach agus loirg toitínidhe go tighearnamhail orm: alpachán garsúna (gearrchaile). Siotalach scoile: leanbh ná bíonn easbhaidh cainnte air: neamhthámáilte.

síothamhail: *a.* ciúin, sochma, socair, cneasta. Daoine síothamhla ná cuireann bráigh ar neach beó: neamh-achrannacha. Budh bheag an mhaith dhom mo bhriathra síothamhla ameasc daoine go raibh a gcuid fola corruighthe, aon tor ní bhfaghainn: cainnt réidhtigh. Is é an domhan ná fuil go síothamhail anois, na tíortha uile i muineál a chéile: síothchánta. Níl fuadar síothamhail indiu fé lucht leanamhna na fóirne sin: é de chuma ortha go bhfuil fútha clampar do dhéanamh.

síothamhlacht: *b.3.* ciúnas, soilbhreacht, sochmacht, cneastacht. Gheóbhfá síothamhlacht uatha aon tráth thabharfá cuaird ortha: míne agus cneastacht. Dá mbeadh aon tsíothamhlacht ag roinnt leat b'fhuraiste dhuit bruic lé fear deagh-mhéine mar é siúd: aon tsochmacht aigne: cneastacht is claontacht lé socracht is suaimhneas. Beidh tamall ann ar an bhfuadar atá fútha sara raghaidh na tíortha chun síothamhlachta: suaimhneas.

siotar: *f.1.* éigheamh an chapaill. Dhein an capall siotar. Ná bíodh siotar asat: smiog. An siotar-gháire a dhein Muiris "macánta" fé leith a mháineálta lé sástacht cheart: leamh-gháire magaidh is suilt. Bíodh na daoine ag siotar-gháiridhe fúm, an é sin atá uait?: ag déanamh gáiridhe magaidh leamhais fém aindeise nó clódh ait.

siotarach: (**siotarnach**) *b.2.* an t-éigheamh fáilteamhail do dhéineann capall ar a mháighistir nó a shiorrach. B'fhada leis an gcapall go mbínn ag teacht air agus chromadh ar shiotaraigh nuair bhraitheadh ag teacht me.

síothcháin: *b.3.* suaimhneas; sos ar achrann, cogadh, áiteamh etc., suaimhneas aigne, etc.: réidhteach. Síothcháin na bhflaitheas go dtugaidh Dia dá anam: suaimhneas agus subháilceas gan corruighe ná mairg ar feadh na síorraidheachta. "Síothcháin Dé chughainn", deirtear nuair bhíonn buadhairt nó clampar ann. Dá mbeadh fonn síothchána ort ní bheifeá ag spreagadh fútha: fonn réidhtigh eatartha. Cé hiad a bheidh i láthair na síothchána: ar fhód an réidhtigh do dhéanamh, ag scur d'achrann agus páirt do dhéanamh. Fan eadrainn anocht, tá droch-uain ann, bíodh suan agus síothcháin oidhche agat: codladh agus socracht. An bhfuil aon tsíothcháin ag teacht air?: suaimhneas ó fheirg. "Cómharthuigh an firéan, féach ar an ndíreach; óir is síothcháin críoch an fhir sin" (Sailm XXXVII. 37): fíor-shuaimhneas. An bhfuil síothcháin aimsire ar an lá indiu?: an bhfuil de chuma air go mbeidh aimsir níos fearr againn. Tóg ina shíothcháin go fóill é anois, ná bíodh an oiread imshnímh ort: beir fada air. "Go dtógaidh an Tighearna a ghnúis maille ribh, agus go dtugaidh síothcháin daoibh": go gcuiridh bhur gcroidhe chun suaimhnis. Ní

haon tsíothcháin aigne tú do theacht: socracht ná sochmacht. Tugadh os chómhair an bhreithimh síothchána é: an breitheamh go raibh cómhacht aige an dlighe do riar. Chun deiridh do chur leis an síor-achrann a bhíodh eatartha cuireadh ar bannaidhe na síothchána iad: ceangal dleaghthach go gcaithfidís fanamhaint socair ar feadh áirighthe aimsire. Ní mhaireann sé anois, is fada ar shlighe na síothchána é: sa mbeatha ná beidh aon rud ag cur buadhartha air. Ní tuar síothchána breis áthraighe cogaidh do bheith dhá dhéanamh ges na tíorthaibh: cómhartha go dtagann rud as. Ag déanamh na síothchána atá sé riamh: do shíor fonn an réidhtigh air. D'iarraidh na síothchána do thuilleamh dom anam atáim: d'iarraidh a shaortha. "Agus brúighfidh Dia na síothchána Sátan faoi bhur gcosaibh go hathghoirid Grása an Tighearna Íosa Críost maille libh, Amén" (Rómhánach XVI. 20): a bhearas saoire ó achrann díbh. "...agus ná leig a cheann liath do dhul síos san uaigh a síothcháin" (1. Ríogh II. 6): lé suaimhneas. "Ná measuigh go dtáinig mise chun síothchána do chur ar an dtalamh, ní do chur síothchána do tháinig me, acht do chur cloidhimh" (Matha X. 34): suaimhneas, aontas. "Is beannuighthe lucht na síothchána do dhéanadh, óir goirfidhthear clann Dé dhíobh" (Matha V. 9): daoine a ghníos réidhteach. "Aingeal na síothchána an biadh": nuair bhíonn a ndóthain ithte ag daoinibh is soilbhre aigne iad. Sheirbheáil na Gárdaidhe é lé bheith ag briseadh na síothchána: ag briseadh na dlighe a bhaineas lé suaimhneas ameasc na poiblidheachta. An Gárda Síothchána: cuallacht fear ceaptha ag ár lucht ceannais chun riair agus órdughadh do chothughadh ameasc an phobail. Ní raghaidh aon tsíothcháin air go bhfaghaidh sé an rud atá uaidh: socracht: ciúnas: suaimhneas aigne ná socracht. "Agus adubhairt Ionatan ré Dáibhí, imthigh a síothcháin do bhrigh go dtug gach nduine aguinne araon a mionna a nainm an Tighearna etc." (1 Sam. XX. 42): gan buaidhreamh. Is mór é grásta na síothchána: an té a bhíos cneasta, neamh-achrannach is mór é a shubháilceas.

síothchánta: *a. n-dh.* tugtha do shíothcháin, socair, réidh, cneasta in aigne, neamh-achrannach, ciúin. Duine síothchánta atá ann, is ait liom éinne bheith ag bruighean leis: duine cneasta i gconbharsáid. Imthigh go síothchánta agus leig gach nduine thart ná fuil ag cur bráige ort: suaimhneasach: gan achrann ná buadhairt do dhéanamh. Leis na céadtaibh bliadhain ní raibh an saoghal chómh neamh-shíothchánta agus tá sé anois, tá cogadh i ngach áird: buadhartha, achrannach. "Agus an uair do chonnacadar a dhearbhráithre gur b'annsa lé na máthair é 'ná a dhearbhráithre uile do fhuaithigheadar é, agus ní fhéadaidís labhairt go síothchánta air" (Gen. XXXVII. 4): go cneasta. Ní ró-shíothchánta bhíonn an capall san fén dtrucaill, bíonn sé ag bualadh: macánta, socair. Dá mhéid an bhuile agus an fíoch a bhí air ghluais sé go síothchánta liom: gan duadh: gan iomad tafaint: gan col. Ní féidir d'aon dúthaigh bheith síothchánta go mbíonn dúthaighe iasachta ag giobaireacht uirthi: suaimhneasach: gan achrann. Chaithfeadh an fharraige do bheith níos síothchánta sara raghadh súd uirthi mar duine faitchíosach atá ann: níos ciúine, socra.

síothchántacht: *b.3.* aiste bheith síothchánta, ciúineacht, cneastacht. Tabhair tosach do shíor don tsíothchántacht is deacair buadhachtaint uirthi: cneastacht is deagh-aigne lé cách. Is í an bhean í ná fuil an tsíothchántacht ag baint léi: bean mhalluighthe, so-lasta chun feirge atá innte. Tá an lá in earball a shíothchántachta anois: nách mór caithte. Aon tsíothchántacht níl ag dul air leis an aois, tá sé chómh malluighthe agus bhí sé riamh: macántacht. Beidh tamall breágh fada ann sara raghaidh na tíortha cómhraic seo chun

síothchántachta lé n-a chéile: sara luighfid chun cneastachta is deagh-aigne. Is mór gur bh'fhearr liom an tsíothchántacht 'ná an t-achrann, ach ní raibh an rogha fúm: an chiúineacht: an tsocracht. Níor dheacair troid do chur air, mar nách í an tsíothchántacht a bhí dhá thaidhbhreamh do: an tsocracht: an aigne lé suaimhneas.

síothchánaidhe: (**síothchántaidhe**) *f.4.* duine a dheineas síothcháin nó a bhíos claon lé cneastacht is socracht lé cách. Ní bheadh an scéal chómh holc ag an mbeirt, buileamhail is mar bhíodar go dtáinig an tríomhadh fear ortha is níor bh'aon tsíothchánaidhe é: níor bh'aon tuar suaimhnis é. Cá bhfaghfar síothchánaidhthe anois dos na tíorthaibh seo atá chómh fíochmhar i scórnaigh a chéile: dream a aistreóchaidh suaimhneas agus chuirfeadh deireadh lé coimheascar. "Nár thugaidh Dia luach a shaothair don síothchánaidhe a thiocfadh eadraibh" (leamhas): lé daoinibh nách truagh achrann eatartha.

siotghail: *b.3.* canntal, pusghail, glórghail, fuarmáil, scartadh. I rith na hoidhche níor stad sé de shiotghail ghaoithe: séideadh ina thadhallaibh láidre. Nuair bhuail an seanduine is a óig-bhean nuadh-phósta an tsráid anoir go módhmharach deirim leat go raibh siotghail gháiridhe fútha: cuid mhór dhaoine ag scartadh ar gháiridhe os íseal fén radharc. Cuir uaim do chuid siotghala, a leinbh, mar ná faghair faic is ná fuil ort ach peataireacht: cnáimhseáil an tsiota, an leinbh laitithe. Chómh luath agus gheibheann sé é féin ar a bhonnaibh ní bhíonn aon deireadh lé n-a chuid siotghala: fad-análaighe: ní chuirfeadh Éire ina stad é.

síothlach: *a.* básmhar, éagamhail, éaluightheach; scagadh. An rud síothlach, tá an bás ag snámh air: ag fagháil bháis i ndiaidh a chéile. An t-uisce ag síothlach tríd an ngainimh: ag gabháil tríthe ina bhraonaidheachaibh.

síothlóir: *f.3.* duine dearóil, cnaoidhte. An síothlóir bocht, tá aon tsaghas oibre ró-mhaith dho, ní mór go bhfuil a dheilbh san éadach: léasán duine. Is tú an síothlóir ná fuil an luathughadh ionat: rud báis.

síothnaidhe: *f.4.* duine dearóil, síothlóir, duine neamh-shásamhach, neamh-anamamhail; síománaidhe, truaghán. Fág as an slighe uaim, a shíothnaidhe báis, cuirir déisteann orm leis an gcuma aimlidhthe a chuirir rómhat rud do dhéanamh. Bhuailfeadh an síothnaidhe chughat gan aon choinne agat leis nuair budh dhóigh leat é do bheith na mílte ó bhaile: síománaidhe: duine a ghluaiseas i nganfhiosaidheacht. Ní dhéanfair choidhche ach síothnaidhe, ná beadh preab is tor ionat: rud meathlaithe gan anam. D'íosfadh an síothnaidhe an oiread lé beirt, agus gan a rian air ina dhiaidh san: rud go mbíonn clódh na ganfhiosaidheachta is na sprionnlaitheachta air. Nách é an sionnach an síothnaidhe glic: ainmhidhe a thagas i dtreó a choda go neamh-thuairmeamhail, gasta. Aon iontaoibh ní bheadh agam as an síothnaidhe sin: duine ná féadfá tuairm do thabhairt fé cad bheadh ar bórd aige. Síothnaidhe diabhail ná féadfá seasamh ar a fhocal faid do mhéire. Cuir duine éigin eile ar an dteachtaireacht san, cathain fhillfidh an síothnaidhe san ort?: snámhcánaidhe mall, righin, mío-thapaidh.

síothnaidheacht: *b.3.* neamh-phraitineamhlacht, righne agus siléig dual, ganfhiosaidheacht, neamh-anamamhlacht. Chaith sé an mhaidean ag síothnaidheacht lé n-

a chuid bídh: mar bheadh duine ag priocadh air ar nós an éin. Luathuigh is cuir uait an tsíothnaidheacht, ná caith an lá annsan: righne: máineáil gan treóir. Faid a mharthan an clódh céadna síothnaidheachta atá air: cuma mar bheadh ar dhuine ná beadh ach ina leath-bheathaidh. I leith a shíothnaidheachta dho luigh sé isteach in ár gcuideachtain: fé ghanfhiosaidheacht: slíomaidheacht: teacht go glic, cúthail. Thabharfadh sé an lá ar fad ó eascar leigeant ag síothnaidheacht: ag máineáil mar bheadh duine a bheadh ag leigeant air bheith ag déanamh gíotála éigin. Ní síothnaidheacht a dhéanfadh gnóth tighe: gliúmáil.

síothnghail: *b.3.* gliúmáil, snámhcáil. Tugann sé a shaoghal ag síothnghail cois na gclathach: ag gluaiseacht go neamh-anamamhail. Capall ró-mhall chun bóthair atá ann tugann sé an lá ag síothnghail: ag cur na coise thar an gcois eile. Ní fhéadfá thu féin do chosaint ar an gcat san ag síothnghail tímcheall feóla is bainne: ag ganfhiosaidheacht ar aon rud a fhéadfadh sé.

siotráil: *b.3.* séideadh fuinneamhail, furmáil, ag déanamh glóir mar dhéanfadh tadhaill láidir ghaoithe. Tá siotráil ghaoithe ag éirghe, tá athrughadh aimsire: cóchanna obanna ar aitreamhaibh. Beidh sé ag siotráil bháistighe is baoghalach: ag déanamh raistidhe troma anois agus airís. Cuiridh uaim an tsiotráil gháiridhe os cómhair duine iasachta: scartghail íseal obann anois agus airís, gan éifeacht.

siotraghail: *b.3.* gáiridhe mío-mhúinte, le magadh, etc. Cad í an tsiotraghail atá oraibh?: an gáiridhe mhagaidh seo i leathtaoibh, ós íseal. An capall ag siotraghail: ag éigheamh. Dubhairt an sagart rud éigin ait ón altóir go gcloisfeá na daoine ag siotraghail fé: ag gáiridhe ós íseal ó dhuine go duine. Nuair dhoirteas an deoch ar mo chuid éadaigh ní haon truagh a bhí dhom ach an chuideachta ag siotraghail fúm: ag leamh-gháiridhe go sásta.

siotram: *f.1.* canntalacht, néall. Ní leóimhte d'éinne labhairt indiu leis, tá siotram éigin air: néall. Ní ró-fhuraiste é do shásamh indiu tá siotram éigin air, an é do chiapadh deineadh?: canntalacht: goirgeacht.

síothughadh: *f.* (*-uighthe*) ciúnughadh, maolughadh, ceannsughadh. Cathain a raghaidh síothughadh ar na tíorthaibh seo atá ag tnáthadh a chéile?: ceannsughadh: go sosaid is go ndeinid muinnteardhas. Ó bhaineamair amach an beagán saoirse atá againn tá síothughadh mór dulta ar ár dtír: ciúnas is socrughadh chun saothair. Ó fhágais an baile chuaidh síothughadh mór ortha, is annamh do bhíd. Is deacair an té a bhíos ocrach do shíothughadh, bíonn an goile ag éigheamh ró-dhian: do mhaolughadh: do chongbháil gan bheith canntalach: gearánach. Chun a síothuighthe gealladh na huirc is na hairc dóibh: a suaimhneasughadh.

síothuighim: *b.a.* ₇ *n-a.* ceannsuighim, ciúnuighim, maoluighim. Cé shíothóchaidh eatartha so anois atá ag baint fuil mhairt as a chéile: cé a dhéanfadh réidhteach eatartha? "Choidhche airís ní shíothóchaidh m'aigne tar éis an méid sin, táim corruighthe ró-mhór: ciúnóchaidh. Síothuigheann an aimsir mórán: lé himtheacht aimsire téigheann rudaidhe chun suain. Ní shíothóchadh do bhreab mise: mhaolóchadh.

sír: seamhair. Ná caith an lá sír, seamhair, beartuigh ar rud éigin: gan aon rud áirighthe d'aimsiughadh. Ná bí ag sír seamhair leis, ach déin rud éigin leis: siar ná aniar: ag gliúmáil leis.

síre: *b.4.* (**síreacht**) cómhnaidheacht, buaine aimsire. Níl baoghal ná easbhaidh air, tá teacht isteach i síre aige: faid mhairfidh sé. Níl aon ghearán air sin ach an gearán síre: an gearán a bhí is atá riamh air.

sireadh: (**síreadh**) *f.* (*-rthe*) lorg, cuardach, braithteól, scrúdach. Ná bí ag sireadh a chabhartha súd mar nách maith an earra chun teanntuighthe lé héinne: ag lorg. Bhíos óg is bhídís d'iarraidh me shireadh leo: do mhealladh. Aon mhaith dhom níor bh'eadh bheith ag sireadh a hainme dhi: ag fiosrughadh. An tubaisteóir bocht sin mar tá sé ag sireadh a dhéirce i rith a shaoghail: ag lorg ó bhall ball. Ag sireadh dighe, tháinighis in ár measc-ne?: ag tnúth lé. Ní chun sinn do phléascadh ghaibheann eitealláin os ár gcionn annso ach ag sireadh na háite: ghá scrúdach.

siridhe: (**síridhe**) *f.4.* loirgtheóir, cuarduightheóir, fiafruightheóir. Síridhe déirce: duine a bhíos ghá síor-lorg. Síridhe maith é siúd, má tá an earra lé fagháil idir cheithre chúinne na cathrach gheóbhaidh sé amach í: cuarduightheóir. Dá mbeadh ráfla ná scannail ó Thráighlí anoir bheadh sé ag an síridhe úd: duine a bhainfeadh rud as na clochaibh.

sirim: (**síoraim**) *b.a.* loirgim, cuarduighim, scrúduighim, fiafruighim, éilighim, athchuinighim; brathaim rómham, meabhruighim, goirim, imthidhim. Síoraim cabhair Dé chun an lae chruaidh is na hoibre seo atá rómham: iarraim, athchuinighim. Síor an tAthair Síorraidhe, lá baoghalach mar é seo: déin athchairt air: ímpidh é. Síoradh tirim agus fliuch do, ach pioc dá thamhas ná dá thuairisc ní bhfuairtheas: cuarduigheadh. Dhearbhuigh sé pé áit den ndomhan go raghadh sé go leanfadh is go síorfadh é: go loirgeochadh. Ná síor tabharthas ar dhroch-dhuine: ná himpidh air a thabhairt duit, ní maith agus ní ádhmharach é. Cá síorfar bean do?: raghfar ar a lorg. Shíoras féin a hainm di: d'fhiosruigheas.

sirriam: *f.1.* oifigeach ceannais go mbíonn cómhachta áirighthe ón ndlighe aige áirnéis nó troscán do ghabháil lé cíos, tríontaidhthe do dhí-shealbhughadh, etc. Níor mheasa dhuit chughat an sirriam 'ná é: duine go mbeadh ughdarás aige nó a bheadh ró-thighearnamhail. Is sirriam teaghlaigh gach fear ar a theinteán féin: bíonn sé tighearnamhail cómhachtach ann. Sirriam an chonntae: árd-oifigeach go mbíonn cómhachta d'áirighthe aige.

sirtheóir: *f.3.* lorgaire, déirceóir, fiosruightheóir, scrúduightheóir, cuarduightheóir, teallaire gearrchaile. Sin é an blúire deireannach do gheóbhair, a shirtheóir, táim clipighthe agat: síor-lorgaire. Gheóbhadh an sirtheóir sin amach rud fé chloich agat: cuarduightheóir: fiosruightheóir. Sirtheóir beag í sin a bheadh ag lorg go haonnidh ort go mío-mhúinte: teallaire. Ní bheadh pinginn dhá dhéanamh i nganfhios agat don sirtheóir: piardálaidhe.

sirtheóireacht: *b.3.* lorgaireacht, déirceóireacht, fiosruightheacht, scrúdach, cuardach. Ní dheaghas riamh ’on chathair ná go mbeadh sé ag sirtheóireacht orm: ag faire is ag lorg orm do shíor agus do ghnáth. Ní haon mhaitheas chun bheith ag sirtheóireacht air, mo chuid mhín, mhacánta féin ní bhfaghad choidhche uaidh: ghá lorg mar bheinn ag lorg mo dhéirce. I gcómhnaidhe é ag sirtheóireacht ar lucht tuaithe a bhuaileas fén sráid leis: ag teacht rómpa is ag lorg ortha. Cad bhí ag sirtheóireacht tímcheall an pharróiste ós na Gárdaidhe indiu?: ag gabháil thart mar bheidís ag cuardach is ag cur tuairisce. Cad é an tsirtheóireacht atá agat ar an dtigh? ná taithnigheann sé leat?: gliúcghail is scrúdughadh.

siséal: *f.1.* úirlis chruaidh fhaobharamhail chun rud cruaidh do ghearradh agus do ghreamadh, mar cloch, adhmad, cnámh, etc. Mar thiocfadh sé ó bhéal siséil: gearrtha go glan néata.

sith: *b.2.* gus, neart, achmhaoin, fulang ocrais. Tá an sith asam gan aon rud d’itheadh: an bhrigh imthighthe asam. Níl aon bheann ag eisean ar aon chruadhtan tá sith na hóige ann: brigh, gus. Níl sé claoidhte fós tá a thuilleadh sithe ann: buancas brighe.

sitheag: *f.* brigh, buancas, achmhaoin, Ghaibh fuacht na hoidhche tríd, níl aon tsitheag ann: gus: brigh: neart in aghaidh cruadhtain. Mara mbeadh an sitheag do chuir Dia ar an anródh a rug air ní sheasóchadh sé leath chómh fada é: an bhrigh, an mianach fé leith.

sitheamhail: *a.* buan, achmhaoineach, fuilngtheach. Daoine sitheamhla lucht na gcnoc, ní chuireann fuacht ná feannaid ortha: fuilngtheach. Ná bíodh aon truagh agat do, tá a thuilleadh ann, tá sé sitheamhail: pé strus do chuirir air tá sé buan, fuilngtheach.

sitheamhlacht: *b.3.* buancas, achmhaoineacht, fuilngtheacht. Ní traochfaí i bhfaid an lae é, tá an oiread san sitheamhlachta ina ghéagaibh: buancas. Tá an rás ag an gcapall má tá an tsitheamhlacht ann: más féidir leis cothughadh do chongbháil air.

sitheóilte: (**sitheólta**) *a. n-dh.* ceannsa, cneasta, miochair, féicheamhanta. Labhair sé go sitheóilte leis an nduine deóranta, thug sé gach cunntas dho a bhí uaidh: go lághach. Sitheóilte ar aon rud do dhéanamh do dhuine gan súil lé faic dá bharr: réidh, féicheamhanta. Dem aindeóin bhíos chómh sitheóilte leis agus d’fhéadfainn do bheith, cé go raibh sé an-thuathalach liom: chómh caoin-labhartha. Ghluais sé go sitheóilte linn: níor iarr sé aon tafant. Is é a bhí go sitheóilte, caithfead admháilt, ag freagairt gach ceiste dár cuireadh air: miochair cneasta.

sitheóilteacht: (**sitheóltacht**) *b.3.* ceannsacht, cneastacht, féicheamhantacht, lághaiche, míneacht. Ní bhíd ró-lághach lé daoinibh deóranta, níl puinn den sitheóilteacht ag baint leo: míne agus béasamhlacht. Tabhair sitheóilteacht dóibh agus gheóbhair go mbeid níos féicheamhanta chun oibre, ach bí dian ortha is raghaid id choinne: ceannsacht: comhthrom agus ceart. Cad atá caillte agat lé sitheóilteacht do thabhairt do dhuine is gan bheith ghá alpadh: béasa do theasbáint do. Mara nglacfaid lé sitheóilteacht, tabhair slat dá dtómhas féin dóibh: meónaidheacht: cosamhlacht.

sithire: *f.4.* ladharálaidhe, láimhseálaidhe. Sithire éigin is bun leis an ráfla san do leathadh orm: duine a shádhas a cheann i gcúrsaidhibh ná baineann leis. Sithiridhe cómharsan a dhein an t-achrann eatartha: cómharsain ná féadfadh gan bheith ag méaráil i ngóthaidhibh daoine eile.

sithireacht: *b.3.* ladharáil, eadargain. Ní maith í an tsithireacht aon uair, ach is mairg í nuair théigheann sí ró-fhada: cur isteach ar chúrsaidhibh chách.

sithléig: (**siléig**) *b.2.* moill, faillighe, cur ar an méir fhada, manaois. Níor cuireadh in am iad lé sithléig d'fhág san gan meacain sinn: faillighe. Rug sithléig éigin air is a rádh ná fuil sé tagtha, duine tráthamhail mar é: moill: rud éigin a choingbheóchadh greim air. Táir ag déanamh sithléige des na leitreachaibh: gan iad d'fhreagairt nó do scríobh in am thráthamhail. Déin sithléig bheag go fóill ní bheadh a fhios ag duine ná go dtiocfadh athrughadh aigne ortha: fuirigh tamall. An tsithléig leis gach aon nidh, nách é an fuaithré é: an mhanaois, an fhanacht trí cheal suime. Raghaidh an bhreóidhteacht chun sithléige dho is baoghalach, mar tugadh sithléig ann i dtúis: faid slighe mar tugadh neamh-aire is neamh-shuim do. Caithfeam-ne luathughadh más maith linn aon chrot do bheith orainn, tá an uile rud ag dul chun sithléige orainn: ag dul chun faid slighe gan a dhéanamh. Ná tabhair aon tsithléig sa duine bhreóidhte: neamh-aire. Nuair leigeas chun sithléige é d'imthigh mo shuim ar fad as: é do leigeant ró-fhada gan chrích do chur air. Ag tuiteam chun sithléige d'easbhaidh a gcoda féin: ag dul chun deiridh cheal bídh ceart. Sithléig an óil a d'fhág amuigh é: an righne a leanas é. Ná tabhair sithléig it anam: bí ag síor-dhéanamh síothchána lé Dia.

sithléigeach: (**siléigeach**) *a.* mall, faillightheach, righin, manaoiseach. Ceal cur lé chéile in am beidh nidhthe sithléigeach, ní bheid réidh chómh luath agus bhí dóigh dóibh: raghaid níos sia. Má tá fonn ort bheith in am ná bí sithléigeach ag éirghe dhuit ar maidin: righin: neamh-phraitineamhail. A leithéid de dhuine níor bhuail riamh liom, bíonn sé árd-shithléigeach ar bóthar: mall, lé neamh-spéis nó righne dual. Beidh sé sithléigeach ag teacht chuige féin, goirtigheadh go ró-mhór é: faid-shligheach: deacair a chneasughadh go tapaidh. Is sithléigeach an fear me gan aon amhras ná fuil na leitreacha freagartha fadó agam: neamh-shuimeamhail, manaoiseach. Táthar ag gearán i Sasana go bhfuil lucht déanta na harmála an-shithléigeach agus nách iontaoibh ná go gcaillfí an cogadh tríotha: gan na hearraidhe do bheith dhá dhéanamh luath nó líonmhar go leór. Pota an té sithléigeach: an té do bheith ag teacht mall as. Nách sithléigeach ataoi leis an ndigh sin: mall dá tógaint.

sithléigeacht: (**siléigeacht**) *b.3.* moille, righne gluaiste, déanta, etc., manaoiseacht, faillightheacht. Caithfir an tsithléigeacht do chur amach as do chnámhaibh d'fhonn rud a dhéanamh duit féin: an righneacht: an neamhfhonn dual. Toisc a shithléigeacht agus bhíos ag teacht ortha d'éirigheadar tuirseach de bheith ag braith liom: a mhoille agus a fhaid. Tháinig neamh-fhoidhne air toisc sithléigeacht an airgid: a mhoille a bhíodh sé ag teacht air. Sithléigeacht fé ndeár dom gur éirghe liom agus ní haon nidh eile: leigeant don aimsir imtheacht tharm gan friotháilt don riachtanas.

sithléigim: (**siléigim**) *b.a. 7 n-a.* tugaim faillighe ann; moillighim, bím manaoiseach i dtaobh. Ná sithléig ar do bhás nó beir déidheannach: ná moilligh. Ní tusa, an tu, a shithléig an obair seo, go bhfuil sí chómh mór san chun deiridh: a chuir moill uirthi. An té a shithléigeas a ghnóth níl lé milleánughadh aige ach é féin: a thugas faillighe ann: ná tugann an aire cheart do trí neamhshuim. Bhíodh eagla air go sithléigfeadh a bhean é, is go bhfágfadh ar fad: go dtabharfadh neamhshuim ann: ná fanfadh aon áird aice air.

sithléigthe: (**siléigthe**) *a.r.* faillighe tugtha ann; curtha ar an méir fhada, moillighthe. Tá an traen an-dhéidheannach, tá sí sithléigthe ag rud éigin: coingbhighthe siar: moillighthe. Táim sithléigthe ar fad agat, ní chuirir mo thuairisc ná ní thagair: tréigthe. Mo dhearmhad, tá Máire sithléigthe agam, rud tugtha agam dos gach éinne ach di: gan déanamh na coda eile do bheith factha aice.

siubhal: *f.1.* gluaiseacht chun cinn ar na cosaibh de chéim chosamhail; dul de chois seachas marcaidheacht nó i ngléas iomchair; coisidheacht, gabháil trí áit de chois; triall achair áirighthe de chois; gluaiseacht mhear; luas; imtheacht duine nó áit do ghnáthughadh; triall; mion-dhearcadh, etc. Bím ar siubhal ó cheann ceann na seachtmhaine: ag obair. Ó mhaidean go hoidhche bíonn mo chos ar siubhal: gan stad, gan suidhe ach rud éigin ar bun agam. Níl an muileann ar siubhal anois, stad sé cheal guail: ag obair. Tá sé ar siubhal fós, an stadfaidh sé choidhche?: ag cainnt. An bhfuil an bhó san ar siubhal airís?: fé dháir. Mara bhfuil aon nidh géibhinneach ar siubhal agat, b'fhearr dhuit cabhradh liom: dhá dhéanamh. Seo ar siubhal airís é: ag imtheacht, ag gluaiseacht: ag obair, ag cainnt, etc. Cuirimís rud éigin ar siubhal a thabharfadh obair dos na daoinibh: ar bun: ag gluaiseacht. Leig ar siubhal anois me mara bhfuil a thuilleadh cúraim agat díom: scaoil chun bóthair me. Cé chuir an chainnt ar siubhal ar dtúis?: cé thosnuigh. Cad é an t-am agat é? níl m'uaireadóir féin ar siubhal: ag gluaiseacht. "Ag siubhal na drúchta go moch ar maidin is ag bailiughadh ghalair ráithe": ag gabháil treasna air. Tusa bhí ar siubhal anois díreach againn: go rabhamair ag tagairt do. Ní bhíonn sé ag siubhal orainn anois in ao'chor: ag tabhairt cuairde. D'aithneófá go bhfuil an bás ag siubhal air (ar a chroiceann): ag corruighe. Ní bhíonn siubhal éinne ar an áit ó cailleadh an seanduine: ní ghnáthuigheann neach é. Buaileadh ina cheann go mbíodh duine éigin ag siubhal ar a mhnaoi agus lé racht éada mhairbh sé í: ag cur aithne uirthi. An mbíonn siubhal na ndaoine air?: an dtugaid cuaird air nó an mbíonn conbharsáid aca leis? Sin galar atá ar siubhal an t-earrach ar fad, tá na céadta ag gearán air: ag fiosrughadh mórán. Níl aon tsiubhal agam air: ní théighim chun a thighe ná in aon áit go mbeadh sé: nílim muinnteardha leis. Is mór an siubhal atá fén ngluaisteán san – trí fichid míle: luas gluaiseachta. Siubhal maith d'éinne deich míle fichead in aon ló: an t-achar a bheadh curtha dhe aige. Tá an iomad siubhail ag léigheamh fút: gluaiseacht ró-thapaidh. I gcionn leathuaire bead fé láintsiubhal: ag gluaiseacht go héascaidh. B'fhearr liom é do shiubhal 'ná dul ar marcaidheacht: dul de chois. Ag siubhal dom cé casfaí orm ach an té nár theastuigh uaim: ar an mbealach dom de chois. Fear é sin a bhíos ag siubhal roimis: ná fuil stuidéar aon áite air: a bhíos ar lorg a dhéirce. Budh gheairrid an mhoill tamall air, smut de bhóthar do shiubhal: do chur de i gcois. Bhí duine bradach éigin ag siubhal ar na pócaidhibh seo: ag tabhairt cuairde loirgthe ortha. Ní raghadh an gluaisteán ar siubhal dom: ní ghluaisfeadh. Ag siubhal an pharróiste féach cá bhfaghainn thu: ghod lorg árd agus íseal. Tabhair siubhal don gcapall: gríosuigh chun breis luais é. Tabharfam siubhal

’on teampall dod shean-chnámhaibh: gluaisfeam go mear leat. Bainfear smut den siubhal díot-sa fós, tá an iomad réime fút: maolófar an fuadar atá fút. Raghainn de shiubhal mo chos i lár na hoidhche ar do thriall: ní chuirfeadh sé aon mhairg orm an méid sin duaidh do chur ar mo chosaibh. Seo chun siubhail na capaill lé chéile: d’imthigheadar chun cinn. Chun siubhail sibh!: gluaisidh. Nách mór an obair ná féadfadh sibh leigeant do féinig, sin é chun siubhail airís agaibh é chómh fiadhain agus bhí sé riamh: ag cainnt ’sag cur as. Ó shiubhal daoine tá casán déanta ann: bheith ag gluaiseacht de ghnáth i gcois ann. Ó shiubhal daoine air tá mórán eólais fachta aige: conbharsáid. Bainfead siubhal as do chosaibh, má tá sé ionta: caithfead mórán slighe do chur díobh. As shiubhal ann fuair sé aithne ar chuid mhaith ann: trí dhul ann go minic. Is binn béal ar siubhal, ach ní dheárna béal ina chómhnaidhe aimhleas riamh: ag cainnt. Seo chun siubhail sibh: imthighidh, tosnuighidh, cromaidh ar. Is fada ar a leabaidh gan siubhal gan rian í: gan ábalta ar ghluaiseacht de chois. Gan an siubhal ceart fén mbád ní bhéarfá ar iasc: luas: gluaiseacht. Lé siubhal do leagadh é: iomad gluaiseachta. Tá fiche míle lé siubhal ambáireach agam: do chur díom nó tharm i gcois. Bíonn siad ag siubhal lé chéile: ag coimeád cuideachtan mar bheadh leannáin. Ar a shiubhaltaibh, agus b’fhairsing iad, níor bhuail neach leis b’fhearr leis ’ná í: ar a mhór-thaisteal. Tar éis an leabhair go léir do shiubhal ní bhfuaireas aon tagairt don sláinte ann: gabhail tríd: cuardach. Is beag an cúram a bhí ort teacht de shiubhal oidhche ar ócáid chómh neamh-thábhachtach léi: taisteal oidhche. An mbíonn siubhal airgid air mar bhíodh: an dtagann puinn de ina threó. Is fearr an chú bhíonn sa tsiubhal ná an chú a bhíos san lúib: a bhíos sa lorg. Tháinig sé ar lorg inghine an té ach cuireadh sa tsiubhal é: cuireadh an ruaig air. Chuadhas ann de shiubhal mo chos: gan cúram ar bith eile. Tá sé ar an iasc is fearr (mó) siubhal sa bhfarraige: is tapamhla ghluaiseas. Tá siubhal id chosaibh: lúth. Bhí siubhal nimhe fúm anuas leis an bhfánaidh gan aon chosc ar mo rothar agam: luas áidhbéil. Caithfead dul ’on Daingean lá éigin ag siubhal nó ag sodar: ar chuma éigin. Tar éis siubhalta dho ar a raibh de thighthibh ar an mbaile ní bhfuair sé faic: turus loirgthe déanta aige ortha. Baineadh siubhal in aistear asat: chuadhais tamall fada ar thriall ruda éigin ná fuairis. Lucht siubhail: daoine a ghluaiseas de chois: bacaigh. Ghaibh bean siubhail isteach chughainn: a bheadh ag taisteal ó bhall ball ag braith ar dhaoinibh. I siubhal lae ní bhuailfeadh fear is fearr leat: an oiread líomatáiste agus bheadh taistealuighthe agat. Is minic m’aigne ag siubhal ar an áit: mé ag déanamh mo mharbhna air. “Ag síor-shiubhal shléibhte is ghleannta”: gan aon stad ag gabháil tríotha. Bíonn siubhal cainnte fé, a leath ní thuigim uaidh: buinne cainnte. Dein greas siubhail, déanfaidh sé maith dhuit thu féin do shuathadh: tamall coisidheachta. Téighimís ag siubhal: dul tamall ag coisidheacht. Is córach an siubhal atá aice: is taithneamhach mar ghluaiseann i gcois. Siubhal cam, aimlidhthe, éascaidh etc.: an módh gluaiste coisidheachta. Is moch do chuireabhair chun siubhail ar maidin is bheith tagtha go dtí so chómh luath: chun fágtha ar bhur dtaisteal. Is fada cur chun siubhail é ag triall ar an mbiadh: teachtaireacht. Cuirtear chun siubhail é as gach obair: bata is bóthar do thabhairt do. Ní chuirfeadh dochtúiridhe na Mumhan chun siubhail an tinneas thagann idir mo shlinneánaibh: é do ruagadh uaim. Tá sé lé siubhal na ré againne: faid is mhair an ré. An té go bhfágann Dia a shiubhal ’sa rian aige bíodh sé buidheach: a choisidheacht is a threóir. Tá siubhal an mhíl mhuighe aige is bheith tagtha ó Chorcaigh ó indiu: chómh lúthmhar leis an ngirrfhiadh. B’ádhmharach don dtraen go raibh sí ag gluaiseacht ar leath-shiubhail nuair thárlaidh an chinneamhaint di: leath an luais budh ghádh dhi. “Agus an tan do chonnacadar a dheisciobail é ag siubhal ar an bhfarraige do bhíodar ar na

mbuaidhreadh, etc." (Matha XIV. 26). Agus Éire do shiubhal ina hórdlaighibh ní bhfaghfá a leithéid eile d'anchúinse: do chuardach go mion.

siubhalta: *a.r.* triall, taistealuighthe de chois, scrúduighthe, léighte. Tá an abha siubhalta agam do bhreac is ceann ní bhfuaireas: séirseálta, cuarduighthe. Tá siubhalta agam ar an ngort: pé gnóth a bhí lé déanamh leis déanta. Tá siubhalta, aith-shiubhalta agam ar an scéal agus ní bhfuaireas aon locht air: gabhtha tríd airís agus airís. Ní fheadair éinne ach a bhfuil d'airgead siubhalta air sin lé bliadhantaibh: buailte ina threó. Dá mbeadh siubhalta ar na daoinibh agat bheadh a fhios agat cad a gheobhfá ó n-a bhfurmhór: cuaird tugtha ortha. An bhfuil sé siubhalta ó Chorcaigh agat?: tagtha as de choisidheacht. An slaghdán céadna níor dhearmhad riamh sinn, tá siubhalta ar gach nduine istigh sa tigh: tagtha ortha. Seachain thú féin, ní sráideanna intsiubhalta iad san, mall san oidhche mar seo: oireamhnach lé gabháil tríotha. Áit doi-shiubhalta gan dóthain duine den lá do bheith ann, tá sé chómh hachrannach san: nách féidir do thaisteal. Lé duine go mbíonn mórán taistil déanta aige, deirtear, "tá an domhan siubhalta aige". Ar a bhfuil siubhalta orm is é rogha é: an méid atá tagtha i gconbharsáid liom.

siubhaltach: (**siubhlach, siubhalach**) *a.* tugtha do shiubhal, ghluaiseacht; taistealach, aistearach. "An té a bhíonn siubhaltach bíonn sé scéalach": a thaistealas cuid mhaith bíonn cunntaisidhe aige. Bó shiubhaltach seadh í, caithfeam a cúram do chur dínn: bradach: tugtha d'fhoghail. Le linn a óige bhí sé siubhaltach, is iomdha ball den ndomhan ina raibh sé: taistealach. Iasc siubhaltach seadh an bradán: téigheann sé i bhfad ó bhaile. In aimsir bhreágh bím siubhaltach ar Cheann Sraithe: tugaim turuiseanna ann. Lámhach sé fear toisc é do bheith siubhaltach ar a mhnaoi: do thabhairt cuairdeanna neamh-chearta uirthi. Aicíd shiubhaltach í agus a chuma uirthi, ní haon dóighthín í: scaipightheach, thógálach. Madra ró-shiubhaltach atá ann, bíonn sé ón dtigh thar na tráthannaibh: a imthigheas ar fánaidheacht, ar aistear nó ar thóir madraidhe eile. Asal siubhaltach atá agam caithfead ceangal do chur fé: go mbíonn dúil aige bailiughidh leis lé n-a phoc. Dearc ar phort seangán is nách siubhaltach na fríghdidhe iad: lán de ghluaiseacht is de luadar: tapaidh: lúthmhar. Seinn port siubhaltach dom go mbainead smúit ar lic an teinteáin as: ceann anamamhail seólta. Peaca marbhthach bheith siubhaltach ar mhnaoi dhuine eile: bheith ró-dhlúth-bháidheamhail léi. Uisce na habhann nó tonn na farraige siubhaltach cómhnaidhtheach: do shíor ag gluaiseacht. Tháinig galar siubhaltach croicinn air a scaip ar fuaid a bhall go léir: leathanach. Siubhaltach i gcómhnaidhe, annso indiu is annsúd ambáireach.

siubhlaidhe: (**siubhalaidhe**) *a. n-dh.* gluaisteach, reathach. An mhuir shiubhlaidhe, nách diamhair í: ná stadann de chorruighe. An tsruth thiugh, shiubhlaidhe: síor-ghluaiste: reathach.

siubhlaidhe: (**siubhalaidhe**) *f.4.* coisidhe; duine, ainmhidhe nó rud a chorruigheas. Siubhlaidhe maith capaill san agat: coisidhe. Anoir ar fad a tháinig an sionnach chun na gcearc, nár bh'é an siubhlaidhe é: ainmhidhe a dhein taisteal fada. Bhí gluaisteáin, trucaillidhe, rothair, agus siubhlaidhthe sa tsochraid sin: daoine i gcois. San aimsir bhreágh gaibheann mórán siubhlaidhthe annsan: daoine a ghluaiseas ar thurus fén dtuaith chun a n-aoibhneasa. Fáilte roimis an siubhlaidhe pé tír pé treabh do: taistealaidhe róid.

siubhlaim: (**siubhalaim**) *b.a. 7 n-a.* gluaisim de chois, taistealaim, tugaim cuaird, gnáthuighim, etc. Siubhal(uigh)!: gluais. Siubhal go socair ar eagla go gcloisfí thu: tóg agus cuir fút do chosa. Ná siubhaluigh ar fad orm: ná pasáil liom: ná cuir fé chois ar fad me. An dóigh leat go siubhalófá tharais?: go mbuadhfá i rás air. Shiubhalóchadh (shiubhalfadh) sé lé girrfhiadh .i. tá luas mór cos aige. Ní bheadh aon dul agat ar chongbháil suas leis siúd, shiubhlóchadh sé leis an ngaoith: do dhéanfadh sé an luas céadna. Siubhlann mórán airgid air anoir agus aniar: tagann isteach chuige. Siubhlann an cigire mná ar an obair ar fad ar eagla go mbeadh aon dearmhad déanta: gaibheann tríthe. Shiubhluigheadh sé chómh díreach lé riaghail, lé saighdiúiridhe: gluaiseadh chun cinn ar chéim thómhaiste is seasamh maith aige. Shiubhlóchadh an gluaisteán trí fichid míle san uair an chluig: dhéanfadh an méid sin luais. Siubhluigh an capall lé fánaidh: beir air gluaiseacht go mall ar a chéim. Siubhluigh an capall lé fánaidh: beir air gluaiseacht go mall ar a chéim. Siubhlóchad Éire agus an Mhumha lé chéile de: bead ghá chuardach go dtí go bhfaghad é nó go dteipfidh orm. Shiubhlófá an fharraige sara bhfaghfá breac chómh so-bhlasta leis: chuardófá. Beidh sé bacach choidhche gen áit úd gur shiubhluigh an roth air: gur liathruigh sí air. Is annamh shiubhluighim ortha anois: thugaim cuaird ortha. Ní shiubhlóchadh sí leis, tuigtear di ná fuil sé uasal a dhóthain di: ní thaitheóchadh sí cuideachta leis. Shiubhlóchadh sí ar ubh duit .i. an-éadtrom as a céim. "Do shiubhlas a lán gan spás i dtosach mo shaoghail": ghaibheas ina lia áit. Shiubhluigheas ar na hainmeachaibh go léir do féachaint céaca thógfadh sé: ghaibheas tríotha. Shiubhluigh a shúil uirthi ó cheann bathas: leag agus d'infhiúch. Siubhalfad, is mithid: gluaisfead.

siubhlóid: (**siubhalóid**) *b.2.* taisteal, gluaiseacht i gcéim; an méid nó an tslighe siubhaltar. Tá an tsiubhlóid ró-mhaith dhom, ní fhéadfainn mo chos do chur a thuilleadh: duadh agus faid na coisidheachta. Ní maith í an tsiubhlóid oidhche: bheith amuigh i gcois fúithi. An bhfuil aon bheann agat ar an siubhlóid fhada atá rómhat?: turus coisidheachta. Ná goilleann an tsíor-shiubhlóid, ort?: bheith do shíor ag turusadóireacht it chois.

siubhlóideach: (**siubhalóideach**) *a.* tugtha do shiubhal, thurusadóireacht, thaisteal, d'fhánaidheacht. Ainmhidhe siubhlóideach atá ann gan ceangal do chur fé: tugtha dá chuid féin d'fhágaint agus dul lé fánaidheacht nó i bhfoghail. An té a bhíos siubhlóideach bailigheann sé scéalta na cruinne: a thaistealas ó áit go háit. Obair shiubhlóideach seadh bhíonn ar fhear puist: bheith ag síor-shiubhal.

siubhlóideacht: (**siubhalóideacht**) *b.3.* coisidheacht, taistealacht. Is maith an rud don sláinte beagán siubhlóideachta gach lá: dul ag coisidheacht. Meilte ag an siubhlóideacht an uile lá mar deirir, agus ní hiongadh é: taisteal de chois.

siubhlóididhe: (**siubhalóididhe**) *f.4.* duine a ghluaiseas, thaistealas de chois; fánaidhe; geócach. Is maith pras an siubhlóididhe é: coisidhe. Ar an mbealach fada níor bhuail liom ach aon tsiubhlóididhe amháin a labhair liom: duine a bhí ag taisteal mar me. Lá breágh éirigheann mórán siubhlóididhthe amach cois tuinne: daoine a thógas geábh chun a n-aoibhneasa féin is a suaidhte.

siúcaire: (**siúicre**) *f.4.* fola bán nó donn milis, criostalach a fachtar as shughlach mórán plannda ón mbiadhtas, etc. Cuir siúcaire ar do chuid té. Tá an siúcaire ina thraghain ar thóin t'áruis: ina dhlúimh righin gan leath-leaghadh. Siúcaire ruadh. Cloch-shiúcaire: go mbíonn déanamh an dísle air. B'fhearr dhuit éisteacht, b'fhéidir nách siúcaire an bata é siúd agat: nár mhilis leat an déanamh a thabharfadh sé dhuit. Is mílse salann 'ná siúcaire: is fearr don sláinte go mór is go fada. Bíonn sí, lé n-a lághaiche, chómh milis lé siúcaire liom: cneasta, mín, bladardha.

siúinéir: *f.3.* saor adhmaid. Tá an trucaill chómh déanta is bheadh i ndiaidh siúinéara rianta: siúinéir maith. Ní siúinéir go deagh-mhaisle.

siúinéireacht: *b.3.* gairm nó ceárd siúinéara. Raghair lé siúinéireacht: foghlumóchair an cheárd. Is olc an tsiúinéireacht atá ar an mbórd san: saoirseacht adhmaid.

siúnta: (**siúnda**) *f.4.* bealach (farraige); alt, cómhrac, ladharóg; síomtha, in adhmad nó i gcloich. Ní chuirfidh sí an siúnta ó dheas indiú di, níl a dóthain gaoithe aice: góilín farraige idir dhá thalamh, dhá charraig: bealach. I siúnta an chromáin atá sé goirtighthe mar ná féadfadh aon chor do bhaint as an gcois: alt. Siúntaidhe an bháid ar dearg-oscailt, fuair sí an iomad gréine: na scarannna idir gach aon dá chlár mar budh cheart dóibh teacht lé chéile. Brisfidh an charraig gan puinn duaidh mar tá siúnta innte: méiscridhe.

siúntáil: *b.3.* síomtháil, dlúthughadh. Ag siúntáil cláracha an úrláir: ag cur faobhair cinn isteach i gclais cinn agus mar sin de.

siúntálaim: *b.a. 7 n-a.* táthuighim, dlúthuighim lé chéile. Is olc a siúntáladh billeóga an dorais, chidhfeá an ghaoth 'san ghrian tríotha: a dlúthuigheadh ina chéile iad. Siúntáil an dá chlár: cuir ceangailte ina chéile iad.

siúntálta: *a.r.* táthuighthe, dlúthuighthe lé chéile. Doras fothaineamhail atá siúntálta ó thalamh: a chláracha teanntuighthe dlúthuighthe lé chéile ar fheabhas.

siúntán: (**seanntán**) *f.1.* bothán, tigh beag, fail nó bothán d'ainmhidhthibh. Siúntán adhmaid amuigh sa choill a áit longuigthe. Tógfad siúntán deas cluthair dom féin mór mo dhóthain: tigín gleóidhte seascair. Buailidh chughainn aon uair chun an tsean-shiúntán, beidh fáilte rómhaibh: an tsean-áit longuighthe atá againne. Siúntán caorach, beithidheach, etc.: bothán tógtha dhóibh in áit chaothamhail chun fothana ón sín.

siúntughadh: *f.* (*-uighthe*) do dhlúthughadh, chóimhcheangal, snaidhmeadh. Scarfaidh snaidhmin an bháid sin, níl uirthi ach droich-shiúntughadh: cur lé chéile neamh-dhaingean. Ag siúntughadh easnaidheacha na nadhbhóige: ghá dhaingniughadh ina n-ionad.

siúntuighthe: *a.r.* daingnighthe, snaidheamtha. Cathaoir atá siúntuighthe ó thalamh: go bhfuil moirtísidhe daingne do-bhogtha innte. Ceann an tighe chómh siúntuighthe agus is féidir: snaidheamtha, dlúith-ghreamuighthe.

siúráil: *b.3.* dearbhadh, deimhnightheacht. Chuala eatartha é ach níl aon tsiúráil ag éinne air an fíor nó bréag é: níltear deimhnightheach de. Creid me leis, tá siúráil agam air: deimhnightheacht gur mar deirim do bheidh. Thug sé siúráil dom go ndíolfadh sé me: urradhas.

siúrálta: *a. n-dh.* dearbhtha, deimhnightheach, cinnte. "An bhfuilir siúrálta dhe?" – "táim, dá mbeinn chómh siúrálta dem anam": chómh deimhnightheach is go raghaidh an t-anam ar neamh. Chómh siúrálta is tá bianna ar bhata bacaigh caillfir do chuid airgid mara gcuirir feistiughadh níos fearr air: lán-dheimhnightheach. Sara ragham a thuilleadh anois níor mhór duit bheith siúrálta deimhnightheach ded dhóthain airgid do bheith agat: gan aon amhras do bheith it aigne. Chómh siúrálta leis na réilthínidhe do bheith ins an spéir bhí sé dhe, dar leis: suidhte, cinnte.

slab: *f.1.* draoib, lábán, pluda, múnlach, roide; duine bog, maol. Chuaidh an t-ainmhidhe go spéir i slab na habhann is ní fhéadfadh é féin do tharrac: lathach, úir bhog, righin, cheanglach. Níl in íochtar an phortaigh ach slab: roide uisceamhail, righin. Tá an talamh ina shlab tar éis an fhliucháin ar fad: ina lathaigh: é chómh bog is go raghfá ar lár ann. Uaireannta is furaiste súil an tslaib bhoicht do chaochadh: duine neamh-thuiseach, neamh-ghlic. Is é an slab díomhaoin: bog, baoth.

slaba: *f.4.* sraice, blúire mór fada adhmaid ag imtheacht lé muir.

slabaire: *f.4.* duine neamh-ghasta, neamh-ghlan. Níor dhein is ní dhéanfaidh an slabaire sin aon rud choidhche i gceart: duine neamh-chríochnamhail. Féach an tslighe atá na háraistidhe i ndiaidh an tslabaire sin: duine a fhágas iad gan iad leath-ghlan, leath-thiormuighthe. Ná bí ag éisteacht leis an slabaire sin ná tuigfeadh na Danair leath a n-abrann sé: duine ná labhrann go cruinn tric.

slabaireacht: *b.3.* gíotáil aindeis, salach, neamh-shlachtmhaire, neamh-ghastacht. Ná bí ag slabaireacht san uisce salach san: ag útamáil leis na cosaibh nó na lámhaibh. Ná bí ag slabaireacht leis an mbiadh ach ith é mar íosfadh aon chríostaidhe: ag cur chuige go neamh-shlachtmhar, neamh-dheas. An tslabaireacht a bhíonn tímcheall na cistean aice: ag gíotáil lé rudaidhibh is ghá bhfágaint go neamh-ghlan, neamh-ghasta. Éist do bhéal, cad í an tslabaireacht chainnte atá ort?: ag labhairt go neamh-líomhtha, do-thuigse. Ag slabaireacht tríd an uisce: ghá stealladh leis na cosaibh. An leanbh ag slabaireacht sa phluda: ghá shailiughadh féin leis.

slabhradh: *f.1.* sraith lúb cruinn nó comh-chruinn ceangailte dá chéile, cuibhreach, aon rud mar bheadh slabhradh ag leanamhaint a chéile. Déintí slabhradh den ndlúth ar an bhfalla sara gcuirtí 'on tseól é: cuirtí ina shraith ar chipínidhibh é, is an áirighthe sin lánamha, ó deich fichead suas. An daradha ina shlabhradh i ndiaidh an bháid: ró-fhada, ró-neamh-anamamhail chun iasc: ina straoill. Bhí slabhradh ocrais air, a fhaid sin ó ith sé faic: ocras trom. Cuirfear in áit é mar a mbeidh slabhraidhe air: i bpríosún. Ní slabhradh a bhí fút nár tháinighis: cuibhreach. Slabhraidhe trucallach, seisrighe, ancaire etc. "Tiocfad abhaile", ar seisean agus é ag imtheacht chun cogaidh, "agus slabhradh óir agam nó cos

chrainn": im mhairtíneach nó im dhuine uasal: gan mhaith nó im laoch. Slabhradh agus uaireadóir óir.

slabhráil: *b.3.* suathadh, fuirse leis na géagaibh. Cad é an tslabhráil atá agat léd ghéagaibh: tarrac is útamáil mar bheadh go neamhghasta lé daradha. Ní fheadar connus mar tá aige bíonn sé ag slabhráil leis chómh maith agus d'fhéadann: ag útamáil leis an saoghal. Ar an slighe a bhí sé ag slabhráil d'aithnigheas go raibh braon maith caithte aige: sall agus anall agus grogaidhe dhá bhaint as. An phiast ag slabhráil an lín uirthi féin: í ghá hiomlosc féin istigh ann is ag dul in achrann.

slabhrálaidhe: *f.4.* gíotálaidhe righin, tuathalach. Ní bheidh an slabhrálaidhe amuigh as an ngort fén bhfóghmhar so chughainn: oibridhe tuathalach. Nách é an slabhrálaidhe ag iascach é: fear ná bíonn praitineamhail ná cliste lé n-a ghéagaibh tímcheall fearais.

slabhrálaim: *b. n-a.* gluaisim go duaibhseamhail. Slabhrálfaidh sé leis ar chuma éigin: stríocfaidh go mall duaibhseamhail.

slabhruighim: *b.a.* cuibhrighim lé slabhradh, ceangluighim go docht. Slabhruigheadh don staic í nuair ná fanfadh sí socair. Dá slabhrófá é ní fhanfadh sé socair pé iomard atá os a chionn: é chuibhreach go docht.

slacairt: *b.3.* bualadh, tuargaint, brúghadh, tuanáiste. Is áidhbhéil an tslacairt atá ag an dá arm sa Rúis i rith an gheimhridh, de ló agus d'oidhche ag gabháil dá chéile: tuargaint ag ionsaidhthe sanntacha. Dá mhéid meas atá agat ort féin mar dhóirneálaidhe thug súd slacairt duit dá luighead é: tuargaint ó thalamh. Thar éis na slacartha go léir atá dhá fhagháil ag Oileán Mhálta gan sos gan staon tá sé ag seasamh fós: síor-réabadh.

slacht: *b.3.* críochnughadh caithiseach, maise, néamhracht, gastacht, críochnamhlacht, néatacht, iomláine, líomhthacht, snastacht. Cuireann an chluaith nuadh san slacht an fhir ort: tugann an deagh-dheallramh a shásuigheann an tsúil. Níl aon bhaoghal ná go bhfuil an bórd déanta go láidir siúntuighthe ach gan aon tslacht do bheith air: cuma chríochnuighthe thaithneamhach. Cuireann glanadh slacht ar aon tigh: cuma mhaith: maise. Sid é an fear a chuirfidh slacht ar do chuid Gaedhealainge dhuit: feabhasughadh agus críochnughadh: maise: go mbeidh sí níos líomhtha agus níos blasta agat. Cuir slacht ar do bhrógaibh: glan iad is cuir smearadh fútha is gléas ionta. Dhéanfadh bóthar nuadh slacht don bparróiste: feabhas agus breis cuma do thabhairt air. Sin í an chainnt go bhfuil an tslacht uirthi, obair do thabhairt dos na daoinibh agus cao ar mhaireachtaint: deallramh, bunadhas, fuaimeant. D'fhág sí slacht a lámh ar an dtigh: rian gur ghlan is gur chuir gach aon rud go gasta ina ionad cheart. Is mór an tslacht ar bhéal manntach fiacla do chur ann: maise is snas.

slachtmhar: *a.* néata, néamhrach, líomhthach, maiseach, gasta, snasta, deagh-chríochnuighthe. Fuair Sasana an stiall san go slachtmhar: ó thalamh: buille a luigh go trom uirthi dá haindeóin. Is slachtmhar na gloinidhe iad san agat, is dócha gur mhór é a gcuid airgid: cuma agus déanamh ortha a sháisigheas an tsúil. Cailín breágh, slachtmhar go mbeadh cion ag éinne uirthi: glan, gasta 'na pearsain, ina gabháil is tímcheall a

gnótha. Is slachtmhar a chuirir cliath ar stoca: cliste, tric, deagh-chríochnuighthe. Níl cosa ná siubhal slachtmhar aige: nílid córach agus ní shiubhlann go córach. Nách é labhrann go slachtmhar?: blasta, so-thuigthe, fuaimeantamhail. Is slachtmhaire go mór do chuid scríobhnóireachta 'ná mo chuid-se: is cúmtha na leitreacha agus is fusa do léigheamh. Bonn neamh-shlachtmhar a chuir sé féd bhrógaibh: tútach, neamh-líomhtha. Más maille é is slachtmhaire: is críochnuighthe bhíonn rud déanta ina dhiaidh. Is slachtmhar d'fhoghlumuigh sé an Ghaedhealaing: go maith is go cóir. Dubharthas liom suidhe síos agus níor mhisde dhom san, is aca bhí an bórd slachtmhar bídh: go raibh go leór de bhiadh mhaith so-chaithte air.

slachtuighim: *b.a.* maisighim, feabhasuighim, cuirim crích, snas, breis deallraimh ar, etc. Slachtuigheann cuimilt aoil fallaidhe mo shean-bhotháin: tugann breis cuma air: is taithneamhaighe amharc ortha dá bharr. Tógadh tighthe is cróidhthe lasmuigh ina thímcheall is cuireadh ceann nuadh, fuinneóga is dóirse ar an sean-thigh féin, rud a shlachtuigh go mór é: a mhaisigh: a chuir breis mhór fheabhasa agus cuma air. Dá mbeadh bróga nuadha anois uirthi i dteannta na culaithe sin shlachtóchadh go mór í: chuirfeadh an críochnughadh agus an snas uirthe go dtaidhbhsigheadh thar barr in ionannas. Aithshiubhluigh ar an obair agus slachtuigh í: in aon áit go bhfuil easbhaidh cheart chríochnuighthe uirthi leasuigh é. Slachtuigheann bláthanna aon áit go mbíd: tugaid clódh taithneamhach, sciamhach air.

slachtuighthe: *a.r.* maisighthe, deagh-chríochnuighthe, snasuighthe. Bathalach tighe dob eadh tamall é, budh bhreágh leat dul isteach anois ann, tá sé slachtuighthe aca lé troscán nuadh, dath agus páipéar: clódh maith tugtha air. Caithfead gabháil tríd an leitir seo airís níl sí slachtuighthe a dóthain fós agam chun a chur chun siubhail: na lochtaidhe ceartuighthe nó an chainnt feabhasuighthe. Is maith slachtuighthe atá na siopaidhe i gcóir na Nodlag: feistighthe agus maisighthe.

slad: (**slaid**) *b.2.* creach, foghail, éadáil, scrios, gadaidheacht. Seo cúrsa ná taithnigheann in ao'chor liom, tá sé ró-náireach, tá mo chroidhe dhá shlad aige: dhá chreachadh: dhá bhrughadh is dhá bhriseadh. An domhan mór dhá shlad ag an gcogadh so, é ag luighe go dúbhluighthe ar gach dúthaigh: dhá scrios: dhá bhochtnughadh. Rugadh ar an slaid aige, cuirfear "ag itheadh na mine" é: an rud a bhí goidthe. Dá mbeirtí a raibh ann uait níor mhór an tslad é, cad fáth an gleódh go léir?: éadáil: an méid a bheadh fuaduighthe. Tá slad éigin fé n-a oscail aige chugham: bronntanas mar bheadh beartha dá chuid féin i nganfhios don líon tighe. Ag slad, ag goid, ag fogha 'sag fuadach atá sé riamh: ag tógaint rud lé racht nirt, ag tógaint gan chead nó i nganfhios, ag tógaint de sciobadh, agus ag árdach chun bealaigh ar gach cuma. B'shiúd é saoghal na slaide nuair caithtí goid leis an ngorta: an t-am go mbíodh cuid na ndaoine ag imtheacht go minic is go tiugh. Ag slad na gcrann: ag baint na ngéag díobh. Rugas air ag slad mo phócaidhe: a lámh im phóca d'iarraidh mo chuid airgid d'árdach leis. Nách ag slad na ndaoine atá aon tsiopadóir a bhaineas deich scillinge as phúnt té: ag baint a gcoda dhíobh go neamh-dhleaghthach. Scaoilis t'ainmhidhthe uait ar slad, gheóbhfá breis mhór ortha, dá dteannfá leo: ar luach íseal.

slad-: *i gcfbh.* creachadh, teascadh. An slad-fhód: an chéad fhód báin a iompuigheann an céachda. Deineadh slad-mharbhadh air ag teacht ón mbaile mór oidhche go raibh daoine ar a thí: marbhadh ar son a choda. Áiteanna den gcathair ná féadfadh duine do shiubhal siar san oidhche ag slad-mharbhthóiridhibh a bhíos ag ganfhiosaidheacht d'iarraidh éaluighthe ar a gcreach: marbhthóiridhe ar son na headála. Ná bíodh aon ghearán agat-sa ar cad thugais ar do chulaith féin, déarfadh éinne agus déarfadh an ceart, go bhfuairis ar slad-mhargadh é: ar mhargadh mhaith, shaor.

sladach: *a.* creachach, fuaduightheach, bitheamhantach, tugtha do ghadaidheacht. Agus do ghéir-dhícheall do dhéanamh ní fhéadfá thu féin do chosaint air, tá an mianach sladach chómh daingean san isteach ina chrathachaibh: chun bheith ag cúbláil chuige lé ganfhiosaidheacht. Tóg do lámha sladacha díom, aon chonbharsáid ní bheadh agam lé héinne a bhíos ag faire an loma ar a chómharsain: do lámha bitheamhnaigh. Ní saighdiúiridhe in ao'chor a bhí aige ach scuaine sladach, gur bh'fhearr chun fuadaigh ná troda iad: dream a árdóchadh leó lé fóirneart. Nuair leagadh corr na n-ubhall, na mbrioscaidhe is an mhílseáin ar mhnaoi an ráis, budh shladach an dream garsún sinne ag fogha go dícheallach: bitheamhantach: ag fuadach mar fhéadaimís ós árd is ós íseal. Cómharsa éigin shladach im thímcheall ná fágann faic agam a bhíonn ar bóiléagar: atá tugtha dho bheith ag árdach cuid dhaoine eile leis.

sladadh: *f.* (*-dta*) creachadh, fuadach, foghadóireacht. Ag sladadh na dtíortha laga atá na tíortha láidre riamh: ag tógaint sealbhantais agus earraidhe uatha lé fóirneart. Beidh na daoine ag sladadh a chéile is baoghalach i gcathrachaibh má chaoluigheann an biadh ortha: ag bitheamhantaidheacht is ag baint rud amach lé lámh láidir. An t-arm buacach ag dóghadh 'sag sladadh rómpa: creachadh is scrios.

sladaidhe: *f.4.* creachadóir, foghlaidhe, gadaidhthe. Sladaidhthe oidhche a árduigh leó as m'iothlainn é: gadaidhe gurb í an oidhche go mbíonn ag braith uirthi. An áit go mbíonn an sladaidhe ceart phriocfadh sé amach ód dhá shúil an rud: an foghlaidhe ceárdamhail. Is é an bás an sladaidhe gránda: foghlaidhe: a árduigheas leis gan choinne, i nganfhios. An amhlaidh a dhéanfá sladaidhe dhíom?: go gcuirfeá im leith go dtógfainn cuid éinne. "Má ghnidheann sé mac bhias 'na shladaidhe, 'na dhóirteach fola agus do ghní aonnidh dá leithéid so" (Eseciel XVIII. 10): foghlaidhe: creachadóir.

sladaidheacht: *b.3.* gadaidheacht, creachadh, foghlaidheacht, fuadach coda cómharsan. Leis an oidhche is gnáth leis an sionnach sladaidheacht: rudaidhe d'árdach leis go foluighthe. Budh mhór an tsladaidheacht do an rud d'árdach is lán tighe láithreach: an gníomh gadaidheachta. "Saoileann sladaidhe na gcreach gur gadaidhe an sluagh": an té a sciobas go foilightheach leis an t-aimeón, dar leis bíonn gach éinne mar é.

sladaire: *f.4.* gadaidhe, creachaire, meallaire, cladhaire. Beidh do chuid ag an sladaire dá fheabhas a dhéanfá do dhícheall ar tú féin do sheachaint, feallfaidh ort gach tráth: an meallaire. "Paca sladairidhe na siopadóiridhe" ars an té gur dhaor leis rudaidhe. "Déineann cao sladaire": ní maith an rud nidhthe d'fhágaint ar bóiléagar. Fé féin a bhí an roinnt, bhí an chuid budh mhó aige féin, an sladaire: feallaire.

sladaireacht: *b.3.* gadaidheacht ganfhiosaidheachta, creachadh, cladhaireacht, meallaireacht. Ar an sladaireacht atáid ag maireachtaint riamh: ag árdach cuid chách leó is gan aon bhreith ortha. Má fhágaim gan glas na nidhthe seo déanfar sladaireacht ortha: goidfear iad toisc cao bheith air. Faid bhí cuid des na daoinibh ag cosaint na cathrach ar a ndícheall, bhí a thuilleadh ag sladaireacht: ag goid is ag foghadh. Mara gcuirtear fasc ar an iasc déanfaidh an cat sladaireacht air: déanfaidh foghail.

sladta: *a.r.* creachta, scriosta, traochta, tugtha. Tá mo chroidhe sladta agat, is mór ded dhuadh is ded chlampar fachta agam: claoidhte, briste. Tá sé curtha ortha ná fuil aon chathair a thuit leó ná go bhfuil sladta aca: creachta: cuid na ndaoine árduighthe chun siubhail. Ní mór na go bhfuil an dá arm sladta anois tar éis tuargana an gheimhridh: traochta, tugtha. Ar maidin nuair dhúisigheas san áit dheóranta bhí mo phócaidhe sladta: gach rud tógtha asta.

slaidhe: *b.4.* bualadh, smiotadh, marbhadh, ceapadh. Ag slaidhe na crudha lé n-a cheapórd: ag cur cuma uirthi. An stadfaidh na tíortha so choidhche de bheith ag slaidhe a chéile, na mílte fear ghá threascairt aca: ag déanamh áir.

slaidim: (**sloidim**) *b.a.* creachaim, goidim ó, scriosaim. Aon rud go leagann sé a shúil air sloideann nó is de théigheann. Ó bheith ag ól agus ag reic shloid sé croidhe a fir: bhris agus bhrúigh. An bás go sloididh é maran me atá ciapaithe, cráidhte aige: go sciobaidh chun siubhail é. Shloid a sheirbhísigh a raibh aige os chómhair a shúl: ghoideadar is bhailigheadar chúcha féin: chuireadar bob is dalladh air. "Ní mheallfa tú do chómharsa is mó sladfas tu é, ní choinneócha tu tuarastal an té fhoisteóchthar ar feadh na hoidhche go maidin" (Lebh. XIX. 13): ní bhainfir a chuid de lé gliocas, i nganfhios do, ná lé feall. Sloidfir mo chiall orm mara stadair den bhfuadar ait atá fút: bainfir díom dem aindeóin í. Do shloid seirbhísigh é ná raibh i mbun faic do dhéanamh do: chreachadar is mhealladar é.

sláidín: *f.4.* tráigh slaba. Sláidín an Daingin.

slaimice: *f.4.* blúire balcaise ar sileadh, stiall fheóla, duine nó ainmhidhe bog neamhthaitigeamhail. Is iomdha slaimice maith feóla fachta ón mbrothaire gan faic ag daoinibh: blúiridheacha fada (nách geanncacha). Bíonn an slaimice i gcómhnaidhe aca pé bochtanacht atá ortha: feóil lé n-itheadh. Tá do shlaimice agat: stiall feóla. Do chasóg ina slaimice leat: blúire stolta ar sileadh leat. Cathain bheadh smut de bhóthar curtha ag slaimice mar é sin dhe: duine bog, neamhthapaidh.

slaimiceáil: *b.3.* stracadh, gearradh, útamáil, alpadh. Chonnac slaimiceáil aige, shaoileas ná híosfadh capall oiread: itheadh áidhbhéil. A leithéid de shlaimiceáil oibre, dá mbudh me a dhéanfadh í bheadh náire orm: útamáil.

slaimeaiceálaidhe: *f.4.* alpaire, útamálaidhe. Agus bheith ag teannadh bhídh leis, ní sháiseóchadh Éire é, an slaimeaiceálaidhe: scolfartach: alpaire. Aon ghnóth slachtmhar ní bhfaghfaoi amach as lámhaibh an tslaimeaiceálaidhe choidhche, is daille é ná an té ná

feacaidh a chúram riamh roime sin: útamálaidhe. Féach an nighe atá ag an slaimeaiceálaidhe ar na háraistidhibh, ní dhéanfadh muc é: gíotálaidhe neamhghasta.

slaimiceálaim: *b.a. 7 n-a.* útamálaim, gíotálaim, ablálaim. Shlaimiceáil sé a raibh d'fheóil ann siar aige agus níor bheag é: bhailigh chuige go neamh-dheas: d'alp: ag itheadh ar nós an ainmhidhe. Slaimiceálann sé gach aon rud ar an mbórd: buaileann nó caitheann uaidh go neamh-shlachtmhar. Slaimiceálfaidh sé sin an obair má fágtar fé í: ablálfaidh. Slaimiceálfaidh sé chuige a bhfuil ar an mbórd mara bhfógarthar air: baileóchaidh chuige.

slaimiceálta: *a.r.* alpaithe, stracaithe, stolta; bog, scramaineach. Aimsir shlaimiceálta atá ann chun aon oibre chóir do dhéanamh: bog fliuch ar an dtalamh. An craosaire, tá a raibh d'iasc ar an méis slaimiceálta aige: alpaithe aige.

slaimín: *f.4.* gréasán éadaigh droch-adhbhair. "Beir leat, a Thaidhg", ars an maoidhteóir, "nách aon tslaimín an chasóg mhór san": éadach droch-adhbhair.

sláine: *b.4.* sláinte; folláine(acht); go huile. Go bhfillidh sé ina shláine chughat, gan pioc as: é go léir mar tá anois. Tá gach aon rud ina shláine san áit gur fhágais iad: gan cor do chur díobh ná baint asta. Taithnigheann sláine na hoibre sin liom, tá sí slachtmhar: a lán-chríochnughadh. Sláine a chroidhe a dhein an bheart do trí gach clampar agus strus dá rug air: folláine agus fuilngtheacht.

sláinte: *b.4.* aiste cuirp is meanman, gean do dhuine d'onórughadh trí árdach gloinidhe dighe d'ól lé hintinn ag cuideachtain. Ólaim do shláinte: tógaim an deoch in onóir duit, lé gean do bhaile. "Fé thuairm do shláinte": ólaim an deoch le hintinn maitheasa cuirp agus meanman do bheith agat. Sláinte gan slaghdán chughat. Sláinte ó chroidhe lé fonn: lé deagh-intinn duit an deoch so. Crann do shláinte; sláinte mhaith; ná raibh ár sláinte ag éinne: rath dhuit féin ort: ná raibh brabúch ag neach ort is tú féin do bheith siar. "Sláinte uile go héag/ sláinte gach n-aon a bhaineas linn/ sláinte na cuideachtan go léir/ is ár sláinte féin i bhfad againn". "Sláinte chughat is cabhair, is dealbh go deo ná rabhair". "Sláinte an bhradáin, croidhe folláin is gob fliuch". Tar éis sraotha do dhéanamh do dhuine nó beart a thaithneochadh linn déarfaí "táir id shláinte!" A Chinnéidigh, dith céille díth sláinte ort: ceal feabhasa cuirp: iomard, breóidhteacht, ceasnaidhe nó rud éigin ná braithfir go maith go raibh ort. Easbhaidh na sláinte dómhsa gan bheith ag obair: rud éigin mí-cheart leis an gcorp ná fuil láidir a dhóthain. Is fearr an tsláinte 'ná na táinte ar chnoc: is fearr feabhas cuirp ná saidhbhreas. Thar cheann sláinte a bhfuil beó. An tsláinte roim gach aonnidh: níl aon rud mar í: gan í is aindeis é saoghal dhuine. Caitheann gach éinne deachmhadh na sláinte do dhíol .i. níl éinne ná go dtagann rud éigin air am éigin. Tosach sláinte codladh: cómhartha maith ar fheabhas cuirp dhuine an codladh do dhéanamh. Deire sláinte osna: cómhartha san go mbíonn neart dhuine ag tréigean. Sláinte na bhfear is go mairidh na mná go deó: an deoch so in onóir na bhfear, etc. "Is milis an rud an tsláinte" ars an té nár theastuigh uaidh droichshíon ná droch-úsáid do bhreith air: aire an chuirp roim gach rud eile. "Do shláinte" – "sláinte is saoghal fada chughat". Nár bhainidh (go bhfágadh) Dia do shláinte dhíot (agat). Níl sé buidheach dá shláinte: ní bhíonn sé ar fóghnamh go minic. Lá dá shláinte ní bhfuair sé ó chuaidh sé chun cómhnaidhthe san áit: chuaidh sé chun éiglidheachta. Lá dá shláinte ní bhfaghadh sé gan

bheith ag tromaidheacht ar dhaoinibh: ní bheadh sé sásta in ao'chor. Tuitfir chun (i) droch-shláinte gan aon chuideachta do bheith agat san áit iargcúlta san: raghair chun ísle bhrighe is dochma. Tá mo chroidhe, mo shaoghal, is mo shláinte briste agat d'iarraidh cómhairle do thabhairt duit: táim im raic. "Caillfir do shláinte gan é", lé duine go mbíonn fonn mór air chun ruda. Is iomdha lá dem shláinte aca: obair asam gan a chúiteamh. Dá ndoirteadh duine bainne, leann nó eile lé neamhthuis nó cinneamhaint déarfaí, "thar cheann do shláinte é", in ionad do shláinte é: ná raibh aon dochar i ndán duit is mó 'ná é. Is fada as a shláinte é: gan bheith ar fóghnamh. Go leigidh Dia a shláinte leis: go mbraithidh sé go maith i gcómhnaidhe. Níor bh'fhearr leis do shláinte agat .i. tá droch-aigne aige. Dheara, mhuis, níl ach meath-shláinte aige: cuibheasach: tamallacha ann as. "Uime sin guidhim sibh fá bhiadh do chaitheamh; óir is nidh bheannus ré bhur sláinte é, etc." (Gníomhartha XXVII. 34): neart is feabhas bhur gcuirp is bhur mbeatha. "Bíd drong ann labhras cosamhail lé saithibh cloidhimh; ach is sláinte teanga an eagnuidhe" (Seanráidhte XII. 18): maitheas mór.

sláinteach: *a.* folláin, bríoghmhar. Ní théigheadh aon rud i luighe gaibhte air, buachaill deagh-shláinteach a bhí ann: neart cuirp is meanma aige. Lé bliadhantaibh tá sé droch-shláinteach, ar a leabaidh: gan bheith ar fóghnamh.

sláinteamhail: *a.* folláin, bríoghmhar, go maith don sláinte. Aer breágh sláinteamhail tímcheall na farraige annso: go mbraithfeadh duine brigh ina bhallaibh aige, éadtromacht croidhe is meanma árd. Dar leó san, is biadh an-shláinteamhail é, dar liom-sa, mharbhóchadh sé me: an-fholláin: go maith d'aiste an chuirp. Is sláinteamhla anois é ná lé fada roime seo: is lugha galar é. An biadh sláinteamhail an duine sláinteamhail .i. an té a gheibheas an biadh folláin is móide é féin do bheith bríoghmhar.

sláinteamhlacht: *b.3.* folláine; neart, bríoghmhaireacht cuirp. Níl aon tsláinteamhlacht san áit seo: ní háit é atá claon lé neart is brigh do chur i nduine. Deirtear ná fuil aon teóra lé sláinteamhlacht i nglasraidhibh: go bhfuilid go hiongtach chun an chuirp is na meanman do choimeád ar aiste mhaith.

slaitín: *b.4.* slat bheag, tuige. Is maith a raghadh slaitín don dteallaire sin: slat bheag go mbeadh goint innte. Bhuail an síogaidhe lé n-a shlaitín dhraoidheachta é, is thuit sé ina lán-shuan: baitín mar bheadh tuige de chrann. Bhuailis lé n-a shlaitín féin é: fuair sé uait an déanamh do theastuigh uait do thabhairt do.

slám: *f.1.* ₇ *3.* lán glaice d'olainn, bhannach, etc., roithléithidhe fada; aindeise, mío-ádh; néall, taom; slaod. Thairng sí an olann aníos as an bpaca ina slámaibh: locaidhe móra, earballacha. An fheamnach ar sileadh as an dtrucaill ina shlámaibh: sláimitidhe liobarnacha. Thógfá leat ina shlámaibh é: id ghlaic ar sileadh, greamuightheach as a chéile. Thairng sé slám billidhe aníos as a phóca: dornán mór is é liobarnach. Tá slámach ar thíorthaibh anois ag an gcogadh so, gannaidhe tearc, lán-daor: cruadhtan ceart. Sláma sneachtaidh cois na gclathach thar éis na hoidhche: slaoda thall 'sabhfus. Thuit slám teineadh sa chois uirthe, bhí sí ró-cheanamhail ar an dteas: brúid dhearg. Slám éigin ar an nduine sin ná fuil cuimhne ná aithne fanta aige: taom draoidheachta.

slama: *f.4.* aon rud bog gan tathag, trom, tuathalach; duine nó ainmhidhe tuathalach; salachar, draoib, moirt, sruma; dlúimh bhog, longa; lán máma, etc. Ní hím a chuireann súd ar a chuid bídh ach slama: clais ime. Tá an císte ina shlama agat, ní fhanfaidh ina chéile in ao'chor: liocuighthe, tanaidhe, scaguightheach. Slamaidhe móra feamnaighe dhá chur mar aithleasughadh: slaoda. A thriubhas ina shlama air ón mbáistigh: ar sileadh go leibideach. Is mór an náire bheith ag caitheamh slamaidhe feóla chun madraidhe is daoine bochta ag imtheacht dhá ceal. Slama cré atá ann, cheanglóchadh sí ded bhrógaibh: cré ghreamuightheach. Bíonn slama ar bórd gach lá ag lucht gustail: sóghlais bídh. Ar thuit aon tslama leat?: ar bhuail aon chuid den eadáil thu. Ní treabhadh ná fuirse a fhéadfá dhéanamh, a shlama, mar ná fuil sé de chruinneas ionat: duine bog, tuathalach, neamh-éascaidh. Slamaidhe ar an bhfeamnaigh: srumaidhe: sughlach righin a leanas a chéile ina shreing mar smuga. An t-iasc ag lobhadh ina shlama anuas ar a chéile: é ag tosnughadh ar rith: ina dhlúimh bhog ar nós glóthaighe.

slámach: *a.* cíorthach, scaguightheach, bogthach, slaodach. Méireanta slámacha ag gabháil d'olainn: atá i ndán na snáithínidhe do phriocadh aiste is a bhogadh ó n-a chéile go pras. Feamnach, gais shlámacha: a bheadh trom ina slaodaibh. Féach na lámha slámhacha atá aice tar éis a cuid oibre: rudaidhe ar sileadh leó go liobarnach.

slámadh: *f.* (*-mtha*) alpadh. Ag slámadh an bhídh ar nós na muice: ghá itheadh ina bhéalógaibh móra go cíocrach. Cé atá agaibh dhá shlámadh anois?: dhá chur trí n-a chéile. Ní hitheadh ghní sé ach slámadh: alpadh gránda.

slámaim: *b.a.* cárdálaim nó bainim olann as a chéile agus priocaim gach cáithne aiste. Leig dóibh cíoradh mar shlámaid: fuirseadh mar a dtreabhaid: leigtear dóibh a gcuid achrainn do réidhteach mar is áil leó.

slamairce: (**slaimirce**) *f.4.* dlúimh bhog; aon rud a leanas a chéile ina stroill; féar, folt etc. ina shlaod. A cuid gruaige ina shlaimircidhibh de dhruim a gualann: ag tuiteam ar sileadh ina slaodaibh. Tá slamairce léd chasóig: giobal ar sileadh. Itheann sé feóil ina slaimircidhibh: béalóga móra go mbíonn cuid díobh ar sileadh lé n-a phus. Slamairce breágh feola: slisneóg fhada. Seanfhear ina shlamairce: slaod.

slamaire: *f.4.* alpaire. Bheadh náire ort bheith ar aon bhórd leis an slamaire: alpaire: duine a bheadh aige agus airc air chun bhídh.

slamaireacht: *b.3.* muclacht, alpaireacht, craos. Ith go béasamhail is cuir uait an tslamaireacht: ná bí ag alpadh mar bheadh muc ocrach.

slámán: *f.1.* aon rud trom, marbh ina shlaod. An iomad gas a tháinig leis na prátaidhibh, bhíodar ina slámán sa chlasaidhibh: ina slaod. Slámán gruaige siar síos ar a chúl: folt go trom, marbh.

slamás: *f.1.* aon fhás tiugh, trom, neamh-anamamhail gan puinn den suiméar ann. Tá an coirce ina shlamás tar éis na síne: sínte ina shlaod, fliuch, trom deacair do shaothrughadh. Prátaidhe – críocháin bheaga atá ionta – slamáis: go raibh an iomad gas ortha is iad ina

luighe. Ní íosfadh aon ainmhidhe an slamás féir atá ar na huaghannaibh: féar fada, bog, trom. “Cad é an saghas arbhair atá agat?” – “slamás”: tuighe luighte ar fad.

slamrach: *a.* ina sleamhancaibh boga. Tá gais go slamrach air: trom, flúirseach. Féar slamrach: a leanas a chéile ar nós na holna.

slamradh: *f.1. 7 3.* dlúimh bhog sleamhain, longa, slaod. Sleamhnóchair ar an bhfeamnaigh fhlich sin, tá sí ina slamradh ón mbáistigh: bog, salach. Déineann slamradh den bhféar i roilig: fásann go trom, tiugh, bog. Slamraidhe fola ag teacht as a shróin: longaidhe: dlúimheanna téachtuighthe fola.

slámtha: *a.r.* tairngthe as a chéile (mar olann); cárdálta. An olann cíortha slámtha: réidhtighthe ina snaithínidhibh agus na caithnidheacha prioctha aiste. Ní aithneóchadh éinne é mar hata tá sé chómh slámtha san agaibh: tuargtha, droch-úsáidte. Stadaidh de bheith ag cainnt air, is mithid é do bheith slámtha bhur ndóthain agaibh: cárdálta: curtha trí n-a chéile ó thalamh. Is í m’ainm an ainm shlámtha: mórthagairt di.

slán: *a.* go huile ann, gan brughadh, bascadh ná briseadh, folláin, go maith, sábhálta, sláinteamhail, saor ó bhaoghal, etc. Go dtéighir slán: go sroichir do thriall gan bascadh gan cinneamhaint. Go dtagair slán chugham, cad thug anois thu: deirtear so lé leamhas. Tair slán! is maith an gníomh é sin: go maith: mo chuisle thu: maith an fear. Tugadh slán folláin an earraidhe isteach ina dhorn do: gan aon rud bun os cionn leis. Ní fhágfaidh sé aon chnámh amháin slán id chorp: díreach mar fhásaid. Cómh dearbhtha is táim ag cainnt leat raghad chughat is me slán (más slán dom): acht me bheith go maith. Más madh lé Dia sinn slán: in ár sláinte. Nuair cloistear scéal iongtach dar leis an scéalaidhe amháin, deirtear, slán an scéalaidhe is go n-imthigheadh a chac uaidh .i. níl an oiread greama aige ar scéal ach oiread is atá ar a thuar! Duine ró-shaonta atá ionat, agus déinir talamh slán des gach ráfla: creidir a bheag ’sa mhór. Tá an talamh slán tirim féd chois: daingean. Slán mo chómhartha, nuair fuairtheas é ní raibh an ceann air: go raibh mo thuairisc cruinn. Go mbudh codladh slán duit anocht: go gcodlair go sámh gan díoghbháil. Ní bhfuaireas uaidh ach an púnt slán: gan aon phinginn os a chionn. Caithfir cur leis, níl an t-airgead slán agat: an méid cheart nó go bhfuil súil leis. Slán abhaile: go n-éirighidh an turus leat. Ní fear slán ina dhiaidh thu: goirteóchaidh sé thu. Ubhall slán: gan briseadh. Is tú an fear is sláine it aos ar m’aitheantas: ná fuil rian an tsaoghail fágtha ort. Lé duine ná feictear lé fada roime sin, “tair slán beó, dá dtagadh an baile chughainn”: fáiltidhe geala rómhat. Ag guidheachtaint chun Dé thú do bhreith slán ó gach baoghal agus cruadhtan: gan bascadh. Ní raghair slán féd mhaise mara n-iomcharuighir thu féin: ní imtheóchair gan rian. Briseadh an bád ina ciolarachaibh, ach tháinig gach nduine a bhí innte slán sábhálta: gan rian, gan bascadh. Cuir slán sábhálta isteach abhaile é, sara scarair leis: gan díth gan dochar. Deir an dochtúir go bhfuilid slán ó bhaoghal anois: ná fuilid i gconntabhairt báis. Thug bliadhain shlán ag obair do: bliadhain ar fad. Ní maith an dóighthín an fharraige indiu, níl sí slán: tá sí briste. “...agus greamóchaidh ar an gcreich, agus béarfaidh leis slán é, agus ní shaorfaidh aoinneach é” (Isaiah V. 29): gan chosc.

slán: *f.1.* daingneacht, cinnteacht, ceadaidheacht, urradhas, coraidheacht; soraidh, connaill, ceileabhradh, beannacht scaramhna; coimhtheas cómhraic; greannughadh. “Is

fearr d'fhear me 'ná thu" – "a shlán fút": foillsigh é: cuir in iúil é in iomarbháidh. Bheirim slán a bhréagnuighthe ar neach ar bith: cuireadh d'éinne é do bhréagnughadh gur féidir leis é. Cuireadh a shlán fé, ach ní raibh ann a dhearbhadh: tairngeadh do rud áirighthe do chur in iúil go fíor. Tabhair slána dómh-sa go ndíolfair roim dheireadh na bliadhna me agus tabharfad cáirde do dhóthain duit: urradhas: téighir fé dhom. Do bheirim mo lámh agus m'fhocal duit mar shlána go ndéanfad gach nidh atá ina dhualgas orm do chóimhlíonadh: urradhas. Tabhair slána dhom go n-íocfair me: cómhartha, rud gur féidir seasamh air. "Slán feasta chun na háite úd ina bhfollamhuighid na háthraighe ón gceargó thigheann tar sáile gan costam air ná íoc": mo bheannacht dílis, mo dheighmhéin. "Slán is céad ón dtaobh so uaim": guidhim deaghrath chuige. "Slán leat, go n-éirighidh leat" – "slán agat": an rath ort-sa leis. Tháinig sé anuas go dtín caladh ag cur slán linn: ag guidhe deagh-thurusa agus ratha orainn. D'fhágas slán aca, bhíos dóthanach díobh: d'fhágas go neambuidheach gan fonn fillte orm. Fág slán aca sara n-imtheóchair: abair rud éigin ghá mbuidheachasughadh nó mar sin. Níor fhág sé slán ná beannacht againn: níor cheileabhair dhúinn ag fágaint do. Mo shlán beó chughat, a Mháire, pé áit idir cheithre chreasaibh an domhain go bhfuilir: mo ghuidhe dhúthrachtach. Slán codlata chughat go maidean: go gcodluighir go sámh.

slánaidheacht: *b.3.* urradhas, deimhnightheacht. Ar thug sé aon tslánaidheacht sa chapall duit?: an ndeachaidh sé fé dhuit go raibh sé folláin oireamhnach dá chuid oibre nó mara mbeadh go dtabharfadh cúiteamh ann? Táim lántsásta lé t'fhocal mar shlánaidheacht: mar urradhas.

slánughadh: *f.* (*-uighthe*) cóimhlíonadh daingin etc., do dhéanamh iomlán, críochnughadh, cneasughadh, leasughadh, saoradh, fuascailt. An chos bhriste, an bhfuil sí ag slánughadh fós: an cnámh bheith ag snaidhmeadh. Tá an chneadh ag slánughadh, tá an croiceann ag teacht uirthi: cneasughadh: ar an slighe chun bheith mar bhí sí. Is baoghalach liom ná fuil slánughadh i ndán don alfraits tá iomad cortha déanta aige: saoradh anama. Beid buidheach, beannachtach dá chéile, pé achrann a bhí eatartha, táid ghá shlánughadh: ghá réidhteach. Táim siar scillingidhe ar na chúig phúint, táim d'iarraidh iad do shlánughadh: an tsuim iomlán do chur lé chéile. San mbliadhain 1885 d'aois ár slánuighthe do saoghluigheadh me: d'aois an Tighearna. An slánughadh síorraidhe dá anam is d'ár n-anamachaibh go léir: saoradh. Bhítheas ag déanamh cleamhnais, briseadh é ach táthar d'iarraidh é do shlánughadh airís: do shocrughadh. Is é Dia ughdar an tslánuighthe síorraidhe don uile-dhuine a umhluigheas do: tobar ár saortha. "Gheóbhfá mé cupán an tslánuighthe agus goirfead air ainm an Tighearna" (Sailm CXVI. 13): a shaorfaidh m'anam ó pheacaidhibh. Chómh maith agus is maith liom Dia do shlánughadh m'anama is fíor é: do shaoradh ó dhamaint. "Tháinig Íosa Críost ar an saoghal chun peacthach do shlánughadh" (1. Tim. I. 15): do shaoradh. "Tobar an tslánuighthe": ag Cuan Fionn Trágha mara gcneasuightí gonta na Féinne sa chath. "Táim gearra cuid mhór, is eagal liom" – "tá an slánughadh agam-sa dhuit": an méid atá in easbhaidh ort. Déanfad mo lán-dhícheall ar gach rud do gheallas do shlánughadh: do chóimhlíonadh. Tá slánughadh os chionn gach neach, ach é do thuilleamh: saorfar anam cách ach bheith dílis do Dhia. An bhfuil sí ag slánughadh an chéad?: ghá shroichstint go hathchomair.

slánuighim: *b.a. 7 n-a.* cneasuighim, leasuighim, saoraim, cóimhlíonaim, daingnighim, sroichim, críochnuighim. Ní shlánóchaidh sé an oidhche, tá sé an-lag: críochnóchaidh. Ar an gcrot atá ar an gcois anois, ní shlánóchaidh sí choidhche: ní shnaidhmfidh. Má táir pingnidhe éigin gearra den bpúnt slánóchad-sa dhuit é: tabharfad duit an méid atáir siar. Bhriseadar an cleamhnas agus ní deallramhtach go slánóchaid é: go réidhteóchaid pé deifridheacht a bhí eatartha. Slánóchad aon rud a gheallas dá gcaillinn an t-anam tríd: cóimhlíonfad. An slánóchaidh an biadh an tseachtmhain dúinn?: an mairfidh sé an fhaid sin. Mhair sé go raibh sé an-aosta, ní mór ná gur shlánuigh sé an céad: ná gur shroich. "Go slánuighidh mo Thighearna sinn: go saoraidh sinn. "An té do-ghéana buaintseasamh ag so an tí a slánóchthar": a ghnóthóchaidh an bheatha shíorraidhe. Má bhír aon rud chun deiridh slánóchad-sa dhuit é: cúiteóchad leat é.

slánuighthe: *a.r.* críochnuighthe, sroichte, cneasuighthe, cóimhlíonta, leasuighthe, saortha, daingnighthe. Baineadh an chliath on gcnámh sara raibh sé slánuighthe ina cheart: snaidhmthe: tagtha ina chéile. Tá tamall maith ón gcneadh san do bheith slánuighthe: cneasuighthe. Táim slánuighthe ag an ndigh shóghamhail sin: cneasuighthe laistigh. Is clos dom go bhfuil an t-achrann slánuighthe eadraibh, agus is maith san: réidhthighthe. Chómh luath agus bheidh bliadhain is fiche slánuighthe aige rachfaidh sé i seilbh na háite: sroichte. Bíodh a anam slánuighthe ag an bpeacach mar is é is tairbhighe: saortha.

slánuightheóir: *f.3.* saorthóir. Críost slánuightheóir na cinidh daonna: a shaor sinn uile ar dhamaint shíorraidhe. "...mo dhídean is mo shlánuightheóir; do chumhduigh tú me ó fhóiréigean" (2. Sam. XXII. 3). "...agus biaidh a fhios agat gur mise an Tighearna, do Shlánuightheóir, agus t'fhuascaltóir, aon cumhdach Iacóib" (Isaiah LX. 16). Ár Slánuightheóir Íosa Críost.

slaod: *b.3.* sraith throm, thiugh, mharbh, dlúimh thiugh, throm, shilte; sraice; fánaidh; scata; saithe, etc. Gais ina slaod sa clasachaibh: fada, tiugh, marbh, trom. Farraige ag teacht ina slaodaibh ar bórd lé hoilceas na haimsire: ina bróintibh troma, uisceamhla. Aon easbhaidh aighnis air, cainnt ag rith ina slaod chuige: tuile. Bhris an cnoc is ghluais ina slaod lé fánaidh: ina dlúimh mhóir thruim. Sínte ina shlaod codlata is é an náire dho é an tacaid seo de mhaidin: é sínte chómh neamh-anamamhail lé suan is dá mbeadh sé ar an gclár marbh. A folt léi síos ina shlaodaibh: cromtha lé saidhbhreas fáis. Na Gearmánaigh is na Rúiseasaigh ag slaod a chéile: cairn mharbha dhá déanamh aca ar gach taobh. Nuair shúncail an long chuaidh an fhoireann ar shlaod chun a saortha: sraice: creatlach snámhach déanta de bharraillidhibh, d'adhmad plannc, clár, etc., in ionad báid in am bhroide: cuid mhór adhmaid coille ceangailte lé chéile lé scaoileadh lé sruth. D'éirigh an slaod beach im thímcheall ghom chealgadh, agus cheapas go rabhas aca: saithe. Nách é an slaod amadáin é ná feadair cad is ceart do dhéanamh: amadán corónta, críochnuighthe. Leagadh lé buille d'iarann me, is d'fhanas im shlaod: sínte gan anam. Is ortha ná raibh an tart is deoch ag teacht ina shlaodaibh ortha: go flúirseach agus go tiugh.

slaodach: *a.* sraitheach, dlaoitheach, silteach, sraitheach, scuabach, marbhthach, millteach, tuathalach. Uisce go slaodach ag gluaiseacht lé gach cnoc: ina thuiltibh troma. A folt go slaodach léi go sáil: trom, muirearach, fada. Is amhlaidh a bheidh gais go

slaodach ortha san, tá an iomad leasuighthe agat ortha: ina sraithibh fada marbha. An raic go léir go slaodach tímcheall na háite in ar báthadh an long: ar snámh ina shraicibh móra. Níl sé pras ar bhóthar, tá siubhal ró-shlaodach aige: tuathalach, neamh-éascaidh, neamhshlachtmhar.

slaodadh: *f.* (*-dta*) do bheith ar sileadh i ndiaidh, do shleamhnughadh, stroilleadh, do leagadh i sraithibh troma, do mharbhadh, scriosadh. A brat ag slaodadh ina diaidh sa lathaigh: ina stroill: ar sileadh siar síos léi. Na portaighthe ag slaodadh lé fánaidh ón uisce ar fad: ag gluaiseacht as a n-ionad. Fuil ag slaodadh as an áit in ar sáthadh é: ag teacht ina sconna. An t-arm ag gabháil tríd an ndúthaigh, ag slaodadh go haonnidh ina slighe: ag marbhadh is ag treascairt. Mo ghradhain do ghéaga, tá slaodadh déanta aca leis an sean-speil: leagadh féir nó arbhair ina shraithibh troma.

slaodaim: (**slaoduighim**) *b.a. 7 n-a.* gearraim, scriosaim, marbhaim, stroillim, tairngim im dhiaidh; sleamhnuighim; gluaisim. Do shlaod na líonta i ndiaidh an bháid: bhíodar ina stroill ina diaidh. Slaodfaid féin a chéile sara gcríochnóchaidh an cogadh so: scriosfaid is marbhóchaid. Shlaodadar féin i ndiaidh a chéile an bóthar amach: leanadar ina sraith. Am éigin i rith na hoidhche shlaod taobh mór den bhfaill: shleamhnuigh as a ionad is ghluais lé fánaidh.

slaodán: (**slaghdán**) *f.1.* fuacht; goraidhe na seicine ronnaighe go leanann sraothfartach is smugaidhe é, is casachtach is creathaide. Slaodán samhraidh, bíonn sé leadránach, mall. Fuaireas slaodán trom as fhuacht.

slaodmhar: *a.* ina shraithibh, flúirseach, líonmhar. Iasc go slaodmhar ar an gcaladh indiu, ní fhéadfá do chos do chorruighe aige: trom-fhlúirseach. Barra slaodmhar féir ar an móinfhéar: sraitheach. Farraige ag teacht go slaodmhar aníos go féar glas: ina bhróintibh troma.

slaoiste: *f.4.* leadaidhe, duine díomhaoin, righin. An slaoiste gan mheas air féin nuair budh chóra dho lá oibre do dhéanamh do féin: scraiste gan chrích gan áird. Dá mbeadh sé ar dhaoinibh praitineamhla an domhain tá cuma an tslaoiste air: duine leisceamhail.

slapach: *a.* neamh-ghasta, tuathal, neamh-thriopallach, mall-bhog, salach. Uisce slapach prátaidhe gur nigheas mo lámha ann: mall-bhog, is rian na bprátaidhe air. An chuma shlapach atá ar na háraistidhibh is ar an gcistin id dhiaidh ní bheadh sé ag muic: salach, neamh-ghasta. An scríobh slapach atá id dhiaidh, dubhach scaipithe soir, siar agat: gan crích. A folt ar sileadh go slapach léi: go neamh-thriopallach.

slapaire: *f.4.* tuathalán, scraiste, duine leibideach, neamhchruinn. Aon rud ní bhfaghfá choidhche glan ná críochnamhail as lámhaibh an tslapaire sin: ciomach, breillice chun gnótha. Ní fhéadfadh an slapaire saoir sin i gcaitheamh na glóire cloch do chur ina ceart: duine neamh-ghasta, neamh-chruinn. Fair an slapaire ag scríobh, tá oiread dubhaigh ar a mhéireanthaibh is atá ar an bpáipéar: neamh-chruinn, neamh-ghasta. Éist leis an slapaire ag cainnt: duine go bhfuil snagadh ina ghlór. Éirigh amach as an uisce, a shlapaire: atá

ghá shailiughadh is ghá stealladh ina thímcheall. Is é an slapaire ag itheadh é: útamálaidhe: ithteóir neamh-ghlan.

slapaireacht: *b.3.* tuathalacht, leibideacht, neamh-chruinneas is neamh-ghastacht gnótha; cosadghail is stealladh in uisce; méiseáil. Saoirseacht atá ón dtigh seo is ní slapaireacht .i. clocha is moirtéal do chur gan puinn céirde. Ná bí ag slapaireacht léd chuid bídh ar nós na muice: ag méiseáil. Ná bí ag slapaireacht leis an uisce sin: ghá útamáil. Ní glantóireacht atá ar an éadach so ach slapaireacht: cuid de scriosta is a fhurmhór salach. Slapaireacht go soiléir ar fuaid na cistean: neamh-ghlanachar is neamh-chríochnamhlacht. Thabharfadh sé a lá agus a shaoghal ag slapaireacht éithigh: ag scaoileadh éithigh uaidh mar bheadh duine ag stealladh uisce.

slapar: *f.1.* sciorta, rud ar sileadh, géag nó gas ar sileadh ón gcuid eile; lathach, salachar. Slapair leis na gasaibh tar éis na gaoithe móire: géaga briste ar sileadh. Cheangal mo dharadha i slapar crainn ar thaobh na habhann: géagán. Thugas slapar éigin ar snámh: adhmad mar smut crainn coille. Tá íochtar a gúna ina slapar ina diaidh: ina stroill. Nách é an slapar chun oibre é: útamálaidhe gan slacht. Éirigh amach as an slapar san, táir barcach aige: salachar: guta mar bheadh bogach. Mo chuid éadaigh ina shlapar: salach, fliuch. An mhóin ina slapar tar éis na báistighe: bog, fliuch. Dá n-imthigheadh an slapar den dtalamh beifí ag curadóireacht: an barra bog, pludach.

slaparnach: *b.2.* scárdadh, bualadh is stalladh, útamáil. Ná bí ag slaparnaigh san uisce nó saileóchair: ghá chur san aer leis na cosaibh. Ag slaparnach lé n-a lámhaibh: ag útamáil is ag stealladh uisce.

slat: *b.2.* cánna fada, caol, éadtrom, tuige; géag chaol, adhmaid mann trí dtroighthe; stráice fada caol adhmaid fé bhun na gunalach; cuaille ar chrann chun seóil do leathadh; bonnsóg mar chómhartha ughdaráis, smachta, etc.; beanngán; fás éadtrom cruaidh ar aon chois: ráil. Sínfear an tslat leat-sa, a bharránaigh, mara n-iomcharuighir thu féin: smachtófar thu. Teach slat: tigh tógtha lé tuigthibh láidre fighte. An t-asailín liathshúlach is é dhá bhagairt lé slait: tuige nó blúire dhe. Slata, cuid mhaith ag fás sa ghort: geósadáin, buachalláin buidhe, is fáiseanna mar iad. Tabharfad slat dá thómhas féin do: an déanamh a thugann sé féin uaidh. Ná spáráil an tslat: cuir duaidhnéis ar an leanbh má thuilleann é. Déin do rogha rud anois, tá an tslat agat féin: an t-ughdarás. Slata crainn (seóil): na cuaillidhe a bhíos treasna an chrainn chun seól d'iomchar. "...annsan déarfá tusa ré hAaraon glac do shlat agus teilg i bhfiadhnaise Pharaoh í, agus do dhéantar nathair nimhe dhi" (Ecs. VII. 9): bachall aodhaire. "Féach an lá, tháinic sé; do chuaidh an mhaidin amach; tháinig bláth ar an tslait, do ghein an t-uabhar" (Eséciel VII. 10): ar bheanngán an chrainn. Tá an bád síos go slait lé hiasc: go dtín stráice éadtrom adhmaid a chómharthuigheas a coisce d'ualach. Shleamhnuigheas ar an lic oighir is síneadh ar shlait mo dhroma me: fleasc. Nuair chruadhann an tslat is deacair í shnighe ina gad: an bhonnsóg: figheachán fada so-lúbtha: mara gcuirtear smacht as óige ar dhuine ní féidir é nuair théigheann in aois. Cheannuigheas trí slata lín éadaigh .i. naoi dtroighthe. Chuirfinn dathad slat ó bhaile thu lé crústa dhorn!: tamall fada áidhbhéiseach. A bheith ag éisteacht leis chuirfeadh sé seacht slata i dtalamh duine!: lé náire bhraithfeá gur cheart go n-ólsclóchadh an talamh féd chois chun tú shlogadh. Slat ní chorróchainn duit!: as an áit

seo ní bhogfainn cos duit. Slat iascaigh, – bhradán, - bhreac, etc.: cuaille fada, caol. Éirigh as, ní raghadh sí le slait ann: agus bheith ag gabháil air chun a churtha ann. Domhnach na slat: na pailme. Is olc an bhail air go ndeaghaidh sé ón slait: nár cuireadh smacht air. Budh gheairrid an mhoill agam é do chur ar shlait a dhroma an lá is fearr a bhí sé: é do threascairt i dtroid. "Connus tá T.?" – "ar shlait a dhroma lé bliadhain": ar a leabaidh gan bheith i ndán éirighthe.

slat-: *i gcfbh.* fada, ar nós slaite, ar sileadh. Cá bhfuair sé an tslat-chasóg? connus nár deineadh do: go mbíonn rud éigin ag baint léi go dtógfaí ceann de. Tá sé ina shlat-fhear anois: fásta go bhfuil cuma an fhir tugtha air. Bhuail sé taobh an chnuic soir is slat-chú ina fhochair: cú go raibh cliathán cuibheasach fada aice.

slatach: *a.* go slataibh. Bun slatach ag an ngort: fáiseanna mar saghas tuigidhe. Long shlatach: go mbíonn slata ar a crannaibh.

slatadh: *f.* (*-ttha*) bualadh lé slait; duaidhnéis chuirp. Gheóbhair-se de shlatadh ón máighistir i dtaobh éalódh ó scoil: bualadh: smísteáil.

slataim: *b.a.* buailm lé slait. Do shlat sé an t-asal feadh na n-easnaidheacha: do bhuail. Do slatadh go minic ar scoil me, dá mb'aon mhaith dhom é: smísteáladh me.

slataire: *f.4.* ógánach lán-fhásta nách mór; aon ainmhidhe idir leath- agus lán-fhásta. Is é an náire do shlataire cailín óig mar thu ná féadfadh cliath do chur ar stoca fós: árd, caol, fásta go maith. Ní fada ná go mbeidh do chabhair féin anois agat, tá do chlann-mhac ina slatairidhibh: éirighthe suas go maith. Is fada ó bheith oireamhnach don aonach an mhuc san, níl sí ach ina slataire: céis: fada, caol, éadtrom. Gach oidhche Dhomhnaigh bailigheann slatairidhe an pharróiste chun halla an rinnce: ógánaigh. Tá slataire coileáin agat, cá bhfuairis?: ceann go bhfuil cliathán aige.

sleabhac: (**sleabhcán**) *f.1.* bun-adharc; an fola a bhíos in adhairc; tuige; claon-fhaobhar; leagadh cinn; poinnte géar, soc, fás bog slím carraige mara; cromadh. An sleabhac atá chun aighnis uirthi: faobhar: soc. Níl sleabhac a dóthain ar an rainn: déanamh faobharamhail ar a barra agus an cor ceart ann. "Léan id shleabhac!" deirtear lé tarcuisne: id shoc! caol, tairngthe tímcheall an choinncín mar bheadh cuma an aighnis, na sprionnlaitheachta, etc., air. É ag cur an bhóthair de agus sleabhac air: mar bheadh a cheann cromtha roimis. D'imthigh sé agus sleabhac air nuair a heitigheadh é: pus: mío-ghnaoi a bhí soiléir ina ghnúis. Tá sleabhac air (uirthe, etc.) siúd: cuma air ná fuil aon rud boigéiseach ná sochma ag baint leis. Bain sleabhac den gcrann annsan go n-aduigheam teine: slapar: slat. Ní bhíonn ar bhuaibh maola ach sleabhacha: bun-adharca. Ag itheadh an tsleabhaic anuas den gcarraig fhuar ghlan lé hocras: fás tanaidhe glas-uaithne, síodamhail farraige. Imthigheadh an sleabhac díot: an pus, an mhío-ghnaoi.

sleabhcach: *a.* adharcach, sprochaideach. An chuma shleabhcach a tháinig air d'aithnigheas go n-eiteóchadh sé me: mío-ghnaoidheach. Ní gábhadh dho dhuine bheith ró-shleabhcach: mío-ghnaoidheach, coimhtheach: deacair cóstáil leis.

sleabhcadh: *f.* (*-ctha*) ag cromadh, sileadh, luighe, claonadh, leath ísleacht. Cliathán díom ag sleabhcadh lé haindeise is lé haois: leath-tharrac air. Faill an-ghránda an-fhiadhain ag sleabhcadh atá innte: scéimh go mór amach uirthi. Tá do chuid bhláth ag sleabhcadh: ag cromadh a gcinn. Tháinig an sleabhcadh ar an arbhar leis an mbáistigh: luigh sé ar a chéile.

sleabhcaire: *f.4.* duine go mbíonn faobhar ar a aghaidh, mío-ghnaoi do ghnáth, cuma choimhtheach, neamh-chonbharsáideach, neamhgheanamhail air. D'árduigh mo shleabhcaire leis a raibh ann gan oiread is é do lorg: slíománach: cneamhaire: sleagaire. Dá bhfeictheá ag imtheacht ina shleabhcaire eatartha: a cheann fé aige mar bheadh duine ag ganfhiosaidheacht. D'fhág mo shleabhcaire annsan me gan oiread is focal do rádh liom: súmaire a chaoluigh leis. Ní thabharfaidh an sleabhcaire úd a chac dos na madraidhibh: rud sprionnlaithe.

sleabhcán: *f.1.* sprochaid go bhfaobhar tanaidhe, duilleabhar silte, arbhar luighte, sleabhac mara, duine gan mhaith. Sleabhcán ar an gcloich ní bhfaghaidh sí a greim sa bhfalla: taobh tanaidhe. Sleabhcán le n-itheadh. Me ag gluaiseacht im shleabhcán gem chos bhacaigh: leath-taobh íseal orm.

sleabhctha: *a.r.* tanuighthe ar nós dingthe, cromtha, luighte, dubhluighthe. An blúire adhmaid sleabhctha ar cheann de: tanuighthe. Iad cois an chlaidhe ón sín sleabhctha leis an ocras: gronga ortha: iad cromtha. An charraig sleabhctha síos go huisce: fánaidh ghéar léi.

sléacht: *b.3.* cromadh, lúbadh, feacadh, beannughadh, cur siar, dochar. Ag sléacht a chinn don easbug: ag cromadh a chinn le hurraim. Ag sléacht mo hata don maighre: ghá bhaint díom go nósmhar is ag beannughadh dhi. Ag sléacht os choinne na haltóra: ag cromadh cinn lé hómós. Budh mhór an sléacht go deó gan a leigeant ar aghaidh is a fheabhas atá ag éirghe leis: dochar: truagh. Na crainn ag sléacht lé hiomad tortha: ag cromadh: lúbadh.

sléachta: *a.r.* cromtha in adhradh, lúbtha, leagtha, ar lár. Mo bhairéad sléachta díom go talamh: bainte dhíom lé hurraim. É ar a ghlúinibh, sléachta ag paidreóireacht os chómhair na haltóra: a cheann cromtha go hómósamhail. Má leanann an cogadh so air beam go léir sléachta aige: ar lár: claoidhte gan mhaith.

sléachtaim: *b.a.* $_7$ *n-a.* cromaim, lúbaim, leagaim, claonaim, feacaim, géillim. Shléacht sé a bhairéad síos go féar don óig-mhnaoi: bhain de de scuaib é. Bheadh sé ar a thoil féin dá bhfaghadh sé daoine a shléachtfadh do: a ghéillfeadh do: a chromfadh a gceann lé hurraim do. Sléachtaim don méid atá ráidhte agat: géillim do a bheith ina cheart. Shléacht sé don eaglais ag gabháil tháirste dho: bheannuigh: d'umhluigh. Sléachtann an dias lé hualach an ghráinne: cromann a ceann chun talmhan. Sléachtaim mo cheann is feacaim mo ghlúin: cromaim: lúbaim.

sléachtain(t): *b.3.* cromadh, claonadh, lúbadh, adhradh. Ní dhéanfainn aon tsléachtain(t) dá gcuid dlighthe, táid ró-dhian: aon ghéilleadh do theasbáint do. Tá sléachtain(t) ó

thuaidh agus amach ar an bhfaill: scéimh. Dream iad ná tugann sléachtain(t) do Dhia: géilleadh: ná tugann adhradh dho. An sagart ar sléachtain(t) is é ag guidhe go dúthracht: a cheann cromtha in adhradh.

sléachtaireacht: *b.3.* cromadh cinn ós na crománaibh suas agus feacadh beag glún, agus tarrac siar is díriughadh an chuirp. Na mná óg sléachtaireacht don mbainríoghain: ag beannughadh go humhal ar an gcuma san.

sleágh: (**sleagh**) *b.2.* ₇ *3.* arm ceann caol, cruaidh, de ghnáth de mhiotal go lorg adhmaid; gath, lann, laighean, blúire iarainn i bhfeirm leath-chrudha. Ag caitheamh sleágha liom: urchar léi. Budh dheacair dóibh cogadh do chur gan aca sleághanna i gcoinnibh gunnaidhe. Chómh géar lé sleigh nimhe: lann go mbeadh nimh ar a rinn amuigh. Cuir sleágh féd bhróig is ní chaithfidh an tsál: blúire réidh-cham iarainn.

sleághaim: *b.a.* gearraim lé sleághán. Ní shleághann so (an sleaghán, isleaghán) go rómhaith, níl sleabhac géar air: ní ghearrann, bhaineann.

sleaghán: (**isleaghán, sleághán**) *f.1.* úirlis go n-eite ar thaobh chun móna do bhaint. Tá trí sleagháin mhóna go maith ann: beart trí cinn in aon ló.

sleághdóir: (**sleaghánadóir**) *f.3.* oibreóir sleagháin. Sleághdóir cómh maith is chuaidh ar phortach riamh.

sleághdóireacht: *b.3.* obair sleághdóra. Is iongtach an tsleághdóireacht í: an méid móna bainte ann.

sleaibhne: *f.4.* ón mbúndalaigh suas go simné ar bhinn tighe. Sleaibhne barrachta chun ná fuadófaí an tslinn den dtigh. Cuir fén sleaibhne i gcoimeád é: anáirde sa frathachaibh: fén gceann: mar a gclaonann chun na buaice.

sleaidí: *f.4.* fás inithte farraige nuair bhíonn sé beirbhthe. Léan ortha! cad bhí riamh aca ach an sleaidí: gan aon bhiadh ach ag braith air so: an bhochtanacht. Tá an lá ina shleaidí: fliuch salach ar fad. Déanfair-se sleaidí den scéal má osclair do bhéal in ao'chor: laitfir ar fad é. Liam Sleaidí leas-ainm ar dhuine bhocht.

sleamhain: *a.* sciorrach, claon le tuisleadh, mín, slíogach, bláith; mealltach, neamhiontaoibheach; glic, plámásach, bladarach. Chómh sleamhain lé gloine tá na bóithre: ní bheadh do sheasamh ortha. Ní fhéadfainn mo ghreim do choimeád air bhí sé chómh sleamhain lé heascúin: claon lé himtheacht as do ghlaic det aindeóin. Ní gábhadh dho éinne eagla bheith aige ar an bhfarraige indiu tá sí chómh sleamhain agus chonnac riamh í: mín: a uachtar gan chorruighe. An charraig sleamhain ná féadfainn greamughadh anáirde uirthi: uachtar mín uirthi, snas, leac oidhir, uisce, etc. Ní bheir i bhfad, tá bóthar sleamhain rómhat: mín, réidh, gan clocha, gan árdán. Gach aon árus sleamhain glan sa chistinn: cuma mhín, taithneamhach ortha. Ná bí d'iarraidh bheith chómh sleamhain sin, freagair mo cheist: seachantach; aireach. An taobh sleamhain amach, is an taobh cam isteach atá aige leat: ag leigeant air bheith macánta. Tháinig sé isteach go sleamhain: gan

fothrom ná ionfairt do dhéanamh. Ó, bhí sé istigh ceart go leór agus is é a bhí go sleamhain ann, budh dhóigh leat ná raibh peaca ar a anam: go glic, gasta, aireach. D'fhiafruigh sé dhíom go sleamhain cár bh'as dom: ar shlighe bhladartha gur dhóigh lé duine gur chuma leis. Beireann fear sleamhain fiacha leis: duine ná cuirfeá fé n-a thuairm go mbuailfeadh bob toisc an teanga bhláith a bhíos aige. Tá sé féin sleamhain agus níor mhór do dhuine bheith sleamhain leis chun aonnidh a mhealladh uaidh: glic, aireach. D'íosfadh cat sleamhain féin paideóg: fiú amháin cait a bheadh go maith chun dul i gcóir a choda. Bead-sa sleamhain a dhóthain do: glic, cleasamhail. An croiceann sleamhain atá air: mín lé cothughadh is deagh-shláinte. Seachain leacacha sleamhaine: tabhair aire dhuit féin in áit ná bíonn taithighe agat. Bréithre sleamhaine go flúirseach aige, gan aon mhaith eile: bladartha, bláith, míonla. "Bíodh a slighe 'na dorchadas agus ró-shleamhain, agus aingeal an Tighearna dá ngéir-leanamhain" (Sailm XXXV. 6): ionnus go mbeadh tuisleadh dhá bhaint asta. Leaca shleamhain tar éis bearrtha.

sleamhaine: *b.4.* (**sleamhaineacht**) míne, sciorracht, claoine lé tuisleadh, so-stroillteacht, réidheacht, neamhghairbheacht, gliocas, camasghail, plámás, bladaireacht. Ní fhéadfainn seasamh ar an gcarraig lé n-a sleamhaine: so-stroillteacht: mór-mhíne: ceal greama lé snas, leac oidhir etc. Tá sleamhaine na gloine ina leacain: míneacht, neamh-ghairbheacht. Thuit an t-ualach lé sleamhaine an fhéir, toisc gan an t-ualach bheith lán i gceart: a fhusacht leis stroilleamhaint ó chéile: ceal greamuightheachta. Bíonn an diabhal féin lé sleamhaine ar eascúin toisc míne a croicinn is na srumaidhe a bhíos uirthi: stroilleamhaint: deacracht greamuighthe. Písin, pér bh'é féin, ní bhuaidhfeadh ar an ropaire sin lé n-a shleamhaine: a ghliocas: a shlighe mhín, fholuighthe chun ruda do dhéanamh. Maidir lé sleamhaine dhe, tá sí ar eólas aige, mheallfadh sé rud as chroidhe na cloiche: gliocas agus aireacht, agus aicillidheacht. Aon mhuinghin ní bheadh agam as, tá sé lán den sleamhaine: fealltacht, a shleamhaine agus dhein sé an t-airgead do thógaint agus scata mór láithreach: cúthaileacht ghlic. Ná bíodh eagla ort ná sleamhaine ina bhréithribh: míne agus bladar d'fhonn rud éigin do shroichstint. Mheall sé í lé sleamhaine a theangan: bladar is míonlacht.

sleamhaire: *4.* bladaire, duine go mbíonn malairt ina chroidhe is bhíonn ina bhéal; cluanaire, slíomadóir. Shádhfadh an sleamhaire sin sa drom thu agus é do bheith ghod phógadh: duine a leigeas air malairt an nidh a bhíos istigh aige. An sleamhaire diabhail ag moladh gach aonnidh leis gach éinne: fear an dá thaoibh. Rud éigin a bhí ón sleamhaire sin ar an moladh thug sé dhuit, mar nách é atá ina chroidhe dhuit: bladaire. Na sleamhairidhe gur chaitheas mo chuid ortha, ag dul isteach im bhéal lé muinnteardhas: mealltóiridhe bladair is plámáis.

sleamhaireacht: *b.3.* bladaireacht, plámás, cor-dhéanamh. Is beag an mhaith dhóibh bheith ag sleamhaireacht tímcheall orm-sa, tá an iomad aithne agam ortha: ag bladaireacht i ndóigh a bharr do bheith aca. Nách tláith, míonla labhrann sí leis gach éinne, tá sí lán den sleamhaireacht: bladaireacht: gliocas: ag dúmas síbhialtachta agus muinnteardhais. Cuir uaim do chuid sleamhaireachta ach má thá rud lé rádh agat abair é: an tslighe ghlic shleamhain chun teachta ar rud.

sleamhán: *f.1.* crann silteach, árd, toirteamhail, fad-shaoghalach, garbhchoirte, sleagh-dhuilleabharach, an fola bog fé chroiceann phráta, etc., an fo-chroiceann. Droch-phrátaidhe iad, cé go bhfuil cuma mhaith ortha, tá sleamhán ionta: flicheán, buige. Ní mór an mhaith an talamh tímcheall na habhann, tá sleamhán ann: fliche fén bhfód.

sleamhantán: *f.1.* aon rud éadtrom, tanaidhe iondhruidte isteach 'samach in áit, blúire ghloine, adhmaid, etc., fearas a rithfeadh lé fánaidh. Le sleamhantán a beirtear anuas an mhóin ó thaobh an chnuic: ar chairt oireamhnach a shleamhnuigheas lé fánaidh. Sleamhantán beag atá mar chlúdach ar an mbosca: blúire adhmaid nó eile a sáidhtear isteach is amach i gclais nó in eitir.

sleamhas: *f.1.* an sliogán amuigh ar an adhairc.

sleamhnán: *f.1.* sciorradh, stroilleadh, áit go sleamhnófaí, mealladh, calaois, meang; bláth-chainnt; bladaireacht. Seachain thu féin sa tsleamhnán: áit gur deacair greim cos d'fhagháil ann mar leac oighir: taobh fánaidhe. Carra sleamhnáin a bhíodh fadó ag daoinibh: a sciorradh ar an dtalamh (gan rothanna). Doras sleamhnáin: is féidir do sháthadh ar thaobh (dhá thaobh) gan an chómhla do chasadh isteach ná amach ar lúdrachaibh. Tá an áit ar nós na gloine ges na garsúnaibh ó bheith ag sleamhnán air: sciorradh nó stroilleamhaint air. Téighimís ag sleamhnán ar an lic oighir. Cuir uaim do chuid sleamhnáin anois, ní bhfaghair faic léd chuid gliocais: bláth-chainnt: bladar: bheith ag dul trí dhuine isteach lé mílseacht. Aon rud atá aige is lé sleamhnán a shroich sé é: gliocas dul ina chóir. Bheadh sé ag sleamhnán leat, dá mbeadh aon rud uaidh: cainnt ghrádhmhar, mhilis aige agus geáitsidhe chun tú do shásamh: míntaisreacht.

sleamhnánach: *a.* sciorrach, stroilleach, tuisleach; bladarthach, mealltach. Duine sleamhnánach atá ionat, níor mhaith liom aon tsíos ná suas do bheith agam leat: ró-ghlic chun brabúch do bhreith ar dhuine. Cé go raibh sé ag dul ina chóir go sleamhnánach níor éirigh leis, mar breithnigheadh a chuid cleas: go cliste, foluightheach. Má tá teanga shleamhnánach ag duine ar bith is aige atá sí, mheallfadh sé a thár ón seangán: mín, bladartha, mealltach. Leac shleamhnánach atá ann agus is an-deacair dul i dtalamh uirthe: leac gur deacair greim cos nó lámh d'fhagháil uirthi.

sleamhnánaidhe: *f.4.* duine glic, mealltach, cladhaire bladartha, slíománaidhe. D'árduigh an sleamhnánaidhe leis é, cé chuirfeadh fé n-a thuairm é: duine a dheineas beart go foluighthe nó ar shlighe ghlic, aicillidhe. Nuair is mó budh dhóigh leat é do bheith ar do thaoibh sin é tráth bheadh sé id choinnibh, an sleamhnánaidhe: slíománaidhe: duine suarach meathtach. Gheibheann an sleamhnánaidhe deoch go leór tsís an slighe thagann sé tímcheall air lé cainnt bhreágh, mhilis: cladhaire bladartha. Bheadh an sleamhnánaidhe ag dul isteach id bhéal is ag tromaidheacht ort nuair bheadh do dhrom leis: cleasaidhe fíorghlic.

sleamhnughadh: *f.* (*-uighthe*) sciorradh, stroilleamhaint, tuisleadh d'fhagháil, éalódh, caolughadh le, do theip, ciúnughadh, míniughadh. Tá mo chosa ag sleamhnughadh fúm (uaim): ag stroilleamhaint, gan iad bheith ag coimeád a ngreama. Is fada a chosa ag sleamhnughadh uaidh: é ag dul ar gcúl, ag cailleamhaint a ngreama, a mheasa, nó ag

déanamh botún. Níl sé d'fhear chómh maith agus bhí sé, tá sleamhnughadh air: dul ar gcúl, chun deiridh. Is baoghalach liom go bhfuil a chosa ag sleamhnughadh uaidh, ná fuil an oiread measa air agus bhíodh: é ag cailleamhaint an ghradaim a bhí dho. Níor thug sé fé ndeara a chuid ag sleamhnughadh uaidh go dtí ná raibh faic aige: ag éalódh uaidh. Is fada an Béarla ag sleamhnughadh isteach ameasc na ndaoine: ag éalódh isteach, ag gluaiseacht isteach go mall, neambreithnighthe. Tugaim fé ndeara an t-aos ag sleamhnughadh ort: ag teacht ort go mall cinnte. Aon tsleamhnughadh níl dulta ar an bhfarraige, tá sí chómh hárd, briste agus bhí sí riamh: ciúnughadh, míniughadh. Sleamhnuigh air ina chodladh: tar air i nganfhios do. Shleamhnuigh a chosa air: dhein sé botún. D'iarraidh sleamhnughadh as an argóint ataoi anois nuair chidhir an lá ag dul ort: éalódh sara raghadh ró-dhian ort. An chruach ag sleamhnughadh lé fánaidh: ag stroilleamhaint: ag gluaiseacht ina cuid is ina cuid. Ní fada bheadh na bliadhanta ag sleamhnughadh thar dhuine, ní mór go dtabharfá fé ndeara iad: ag gabháil thart gan ceann do thógaint díobh. Cuir an chloch reatha ar an ithir chun a sleamhnuighthe: na cnapáin do bhriseadh is uachtar mín, slinn do thabhairt uirthi. Rugas air ag sleamhnughadh a láimhe im phóca: d'iarraidh í sháthadh ann i nganfhios dom. Brostuighidh, tá an lá ag sleamhnughadh uaibh, is gan faic déanta agaibh: ag imtheacht gan a bhraithstint. Táthar ag sleamhnughadh an bhóthair: ghá shocrughadh is ag cur uachtair mín air. Ag sleamhnughadh an bhúird leis an bplána: ag cur uachtair mín, réidh air. Fiacha ag sleamhnughadh orm is gan aon déanamh agam: ag tuiteam i ndiaidh a chéile gan aon mhaolughadh. Ag sleamhnughadh an pháipéir anuas ar an mbórd: ghá lioctughadh: ghá shíneadh go mín, réidh. Sleamhnughadh ar an gcasán ó bhíos annso cheana: níl sé chómh garbh agus bhíodh. Ar mo dhícheall d'iarraidh a gcuid achrainn do shleamhnughadh: do réidhteach.

sleamhnuighim: *b.a.* 7 *n-a.* stroillim, baintear tuisleadh asam, sciorraim, mínighim, réidhim, éaluighim, caoluighim liom. Ná sleamhnuigheadh do chosa uait: ná caillidís a ngreim agus thu do stroilleamhaint: ná déin aon bhotún go gcaillfeá t'ionad tríd, gean is meas na ndaoine nó do díoghbháil phearsanta féin. Sleamhnuigh isteach, ná feiceadh éinne thu: caoluigh: téighir chómh haireach foluightheach agus is féidir leat. Is iomdha cuma in ar shleamhnaigh an Béarla isteach: ghluais sé isteach mar éalóchadh uisce fé fhalla. Sleamhnuigheadh orm is me im chodladh is deineadh bráighe dhíom: thánthas go foluightheach ciúin orm. Shleamhnuigh an tráthnóna orm ag comhchainnt: d'imthigh tharm gan a thabhairt fé ndeara. Shleamhnuigh sé a lámh ina phóca ag triall ar a ghunna: sháidh go gasta. I ndiaidh a chéile shleamhnuigheamair chun cinn ortha: ghluaiseamair gan tabhairt fé ndeara orainn: chaoluigheamair. Shleamhnuigheas ar scamha oráiste: sciorras: d'imthigh greim mo chos uaim. Sleamhnóchaidh an oidhche: ciúnóchaidh an fharraige. Sleamhnóchaidh an ghnáiste sin an bóthar: míneóchaidh: tabharfaidh uachtar réidh air. Sleamhnuigh eatartha nó beidh an scéal ina phraisigh: réidhtigh. Shleamhnuigheas ar an áiteamh nuair chonnac ag dul i ngoirgeacht iad: chaoluigheas liom: d'éirigheas aiste go réidh. Sleamhnuigh do chuid gruaige, tá sí go léir in achrann: réidhtigh agus sín amach. Shleamhnuigh sé uainn i gcaitheamh na hoidhche: d'éag sé. Sleamhnuightear earraidhe thar teórainn d'aindeóin an lucht ceannais: cuirtear i nganfhios go gasta iad. An chuma ina sleamhnuigheann airgead trím ladhrachaibh baineann sé mo chiall shaoghalta díom: éaluigheann: stroilleann: imthigheann in ainfhios dom nó dem aindeóin. Shleamhnuigh sé idir ladhrachaibh againn: fuair bás orainn:

d'imthigh uainn go neamhghuiseach: rinneamair neamh-chrích dhe: d'éaluigh trí mhanaois. Shleamhnuigh an rún ó dhuine éigin aca nuair bhí braon caithte aige: sceinn uaidh: d'éaluigh uaidh. Ná sleamhnuigheadh do theanga ort: ná habair lé neamh-choinne aon rud go mbeadh aithreachas ina thaobh ort. Sleamhnuigheann cómhaireamh na laetheanta orm: téigheann amugha orm. Ní fheadar an sleamhnóchadh gal tobac é, tá árd-dhúil aige ann: an gceannsóchadh. Sleamhnóchaidh an bóthar má fágtar an t-uisce ag rith air: beidh a uachtar do-ghreamuighthe fén gcois.

sleanndar: *f.1.* aon rud fada, tanaidhe. An sleanndar coinncín atá air ghearrfadh sé tobac duit: tímcheall a shrón is a phuis é caol, fada. Tá sleanndar ar fad déanta dhe: é fásta caol, árd thar cuimse.

sleanntach: (**sleantach**) *f.1.* slisneóg, sciolpa, scolb. Bhailbh sí chúiche síos ina mála sleanntaigh bhreághtha fheóla i gcóir na seachtmhaine: stiallacha: blúiridheacha breághtha fada bainte de gheannc budh mhó. Léim sleanntach cloiche ón órd is bhuail isteach sa tsúil me: scolb: blúire éadtrom tanaidhe.

sleanntóg: *b.2.* leac bheag. Thugaimís ár saoghal ag cur sleanntóg ag scimeáil ar bharr an uisce: leicínidhe beaga éadtroma tanaidhe.

sleasach: *a.* ceasach, taobhach, binnseach. Gort mór sleasach fé chruithneacht aige: gach taobh de fada. Parróiste sleasach atá annsúd ag bhur sagart-sa: fairsing: sroicheanna a cheasa i bhfad. Faill shleasach: fad-thaobhach.

sléibheamhail: *a. n-dh.* sléibhteach, cnocach, árd. "A chúm ná cheap na bréithre/ seo bladartha dhá mhaoidheamh/ as mhaoilinn fhairsing shléibheamhail gan righe gan rath gan aon stros/ ach síonta ag gearradh a chéile, is gan fasc ar aon taobh". An ceanntar san iarthar ar fad tá sé sléibheamhail gan amhras: sléibhte is cumaracha go flúirseach ann.

sléibhteach: (**sléibhteamhail**) *a.* cnocach, móinteach, bog, fliuch. Conndae sléibhteach Ciarraighe: cuid mhór de fé chnocaibh is árdánaibh. Cuid mhaith thalmhan agam ach a fhurmhór bheith sléibhteach: portaithe ann, mianach na móna is é uisceamhail.

sléibhteánach: *f.1.* duine a longuigheas ameasc nó ag bun cnoc; "caidhpiridhe". "Táimíd-ne", ars an sléibhteánach "buailteach, meisneamhail".

sleimhne: (**sleamhaine**) *b.4.* míneacht, snastacht, stroillteacht, sciorrthacht, neamh-iontaoibh, meang, gliocas. Dá shleimhne iad leacacha an tighe mhóir ní stroillfidh a chosa uaidh siúd ortha: dá dheacra do dhuine gan taithighe, nó gan rud do bheith de dhual ná de dhúthchas ann, déanamh in ionad deóranta. Fág fé n-a shleimhne súd rud do shroichstint má dhéanfadh éinne: gliocas is clisteacht chun dul i dtreó ruda. Á, mhuise tá sleimhne ag baint leis, is milis a chuireann sé cainnt de: plámás gliocais. Dá mbrisinn mo chroidhe ní fhéadfainn aon tsleimhne do chur ar na sean-bhrógaibh seo: snastacht, clódh mín.

sliabh: *f.* (*-léibhe*) cnoc árd, talamh portaigh íseal, ceanntar cnocach. "Cnoc an Áir so thiar go lá an tsléibhe beidh dhá ghairm": go lá dheiridh an domhain. Talamh sléibhe an

chuid is mó dhe: go bhfuil mianach móna ann nó cnocach. Cuirfidh easbhaidh tobac, tá an oiread san dúlach aige ann, chun sléibhe é: as a mheabhair. Ní mór go bhfuil eaga agam focal cainnte do labhairt leat, tá seacht gcúirimidhe an tsléibhe orm: gnóth ghom dhalladh: ag baint na súl asam. Bhí an fharraige ag teacht ina sléibhtibh orainn: gach tonn aoirde cnuic ann. Sliabh an Fhiolair. Ceann Sléibhe. Mol an sliabh is ná taobhuigh é, cáin an tír is ná tréig í. Dá dtuiteadh an sliabh air níor dhóigh leat go ndéanfadh sé aon díoghbháil do agus is tapaidh shleamhnuigh sé leis: thaidhbhsigh sé go raibh fulang mór ann. Tá sliabh ar mo chroidhe aige ní dhéanfadh sé lán mo bhaise orm: clampar. Ól é sin, tógfaidh sé an sliabh ded chroidhe: bainfidh an brón díot. Pós bean ón sliabh is pósfair an sliabh ar fad: dream leanamhnach seadh muinntir bhun na gcnoc. Beimíd annsúd bailighthe i bhfiadhnaise an árd-bhreitheamhan lá an tSléibhe: na breithe.

sliasad: *b.* (*sliasta*, *sléiste*) (*iol.* sliasada) cliathán, cromán síos, guala, sprochaid ar fhaill, charraig, etc. an chuid gharbh de snáithín, com, léasrach. Sín ar do shliasaid: ar do chromán agus ar do leath-ghualainn nó leath-uilinn. Bíd nochtuighthe ar fad ach scaball tanaidhe tímcheall a sliast: tímcheall cuim. Nách iad clann a shliast iad: a leanbhaidhe cearta. “Agus do bhí Jéab criosluighe ré n-a chulaidh do chuir sé uime, agus air sin crios maille ré cloidheamh ceangailte ar a shliastaibh iona thruaill; agus ag dul amach do do thuit sé as” (2. Sam. XX. 8): ar a chromán. Siubhal nimhe fén mbád is farraige ag imtheacht ina sconna dá sliastaibh: guailnibh tosaigh. Ag iomchar ar shliasaid mo dhroma: mo dhrom cromtha leis an ualach. D’iarraidh teacht aníos ar shliasaid ghéir faille: cliathán fánaidhe. Is déanta, córa iad a sléiste: leasracha: cromáin.

sliastach: (**sliastrach**) *a.* go sliastaibh, tuathalach, crom-ghlúineach, másach. Is deagh-shliastach an bhean í: í déanta, córach, líomhtha tímcheall a cuim ’sa cromán. Bean árd caol-shliastach: caol-mhás. Capall leathan-shliastach: trom mór as a cheathramhanaibh deiridh. Fear lag-tsliastach é, dar liom, ní mór na hualaighe a iomcharóchadh sé: gan bheith láidir ná taithigheach as chaol a dhrom ná a chromáin. Níl siubhal slachtmhar aige tá sé sliastach as a ghlúinibh: iad bheith ag bualadh i gcoinnibh a chéile.

sliastán: *f.1.* sprochaid gur féidir rud do bhualadh leis. Cuir na leabhartha ar shliastán: ar chlár a bheadh ceart-uilleannach leis an bhfalla.

slíbín: *f.4.* duine fliuchta. Táir id shlíbín mhaol, bháidhte, caith dhíot agus tiormuigh thu féin lé hais na teineadh: an t-uisce gabhtha tríot go croiceann is an t-éadach ag ceangal ded chnámhaibh.

slibire: *f.4.* duine, ainmhidhe nó rud caol fada, silteach. Ní raibh riamh ionat ach slibire, gan chríochnughadh gan bhailiughadh: duine marbh, gan tionnscal. Nách é an slibire liobarnach é ná féadfadh a ghreim do choimeád: duine gan ghus. Táir id shlibire bheag ón mbáistigh: cuma thruaillighthe, neamh-anamamhail tagtha ort. Níl ins an té is sine aca ach slibire garsúna: slataire caol, lag. Ní raibh againn ar spiléar ach slibiridhe eascún: ceannaidheacha caola, éadtroma. Bhíos ag imtheacht im shlibire eatartha gan éinne ag cur aon natha ionam: mar bhead giobal ar sileadh le balcais. Slibiridhe breac atá san abhainn sin, ní thagann aon fhás fútha: breaca beaga. Nuair gheóbhair greim air congaibh é agus ná bí it shlibire is a scaoileadh uait: duine neamh-phras. Ní feicfí mise in aon

chuideachtain lé slibiridhibh: fir éadtroma, thruaillighthe. Slibiridhe sinidhe atá ag an mbuin sin: rudaidhe beaga, caola.

slibireacht: (**slibreáil**) *b.3.* gíotáil, tónghail tímcheall, feádhaireacht, láimhseáil neamh-phras. Tá sé ró-aosta anois chun aon rud do dhéanamh níos mó 'ná slibireacht tímcheall an tighe: gíotáil éadtrom. Cuir uait an tslibireacht tímcheall na háite, téighir agus dein rud éigin. Ins an tslibireacht do shleamhnuigh an t-airgead uaidh is ní bhfuair riamh ó shoin: láimhseáil bhreallach. Éirigh as nó déin é, ná feicim a thuilleadh slibireachta agat: gíotáil gan deallramh. Beir ag slibireacht leis go dtuitfidh uait: ghá láimhseáil go neamh-anamamhail. Ná bí ag slibireacht liom: ag cuimilt bas díom.

slibireálaidhe: *f.4.* gíotálaidhe, duine neamh-anamamhail chun gnótha. Beidh an mhaidean caithte sara mbeidh a bhróga uime aige, an slibireálaidhe: ná bíonn pras lé n-a mhéireantaibh. Chúig míle bhóthar ní bheadh siubhalta ag an slibireálaidhe Lá tSin Seáin!: rud mall, mío-thapaidh. Slibireálaidhe capaill ar an mbóthar atá ann: mall, faillightheach. Beir i gceart orm, a shlibireálaidhe go mbraithead: duine go ngreim aindeis. Chidhfeá ina slibireálaidhe ar fuaid na sráideann é: ag scraistidheacht.

slibireálaim: *b.a.* ₇ *n-a.* gíotálaim, láimhseálaim go holc, ablálaim; righnighim. Nách diabhalta an chuma shlibireálais an scar oibre sin: mar láimhseálais chómh dona é is gur mhoillighis is gur laitis é. Slibireálfair leis sin anois an chuid eile den lá ar fad: gíotálfair: meilfir an lá gan faic dhá dhéanamh agat. Shlibireálfadh sé go maith, sin uile a ndéanfadh sé: chaithfeadh an aimsir gan mhaoth.

slibirín: *f.4.* aon rud beag, silteach, ina stroill, fliuch báidhte, duine gan mhaith. Tá slibirín léd chasóig: giobal. Táim im shlibirín ag an lá: fliuch báidhte go cnámh. Slibirín fir a dhéanfaidh sé gach aon lá choidhche: fear gan anam, gan preab. Na cearca 'na slibirínidhibh ag an mbáistigh: "a gclócaidhe ar sileadh" leó.

slighbhín: *f.4.* cleasaidhe cam, teangmhálaidhe glic, sleamhain, plámásaidhe cleasach. Bheadh an slighbhín sin ag dul thríot isteach chun fios t'aigne do bheith aige: duine go mbíonn teanga bhláith aige d'iarraidh muinnteardhais a mhaitheasa do dhéanamh. Is iomdha lúb i mbolg an tslighbhín sin, ní raghfá amach choidhche air: duine go mbíonn an taobh amuigh go mín, taithneamhach is an taobh istigh cam, fealltamhail. Slighbhín atá ann ná beadh a fhios cad bheadh ina bholg: duine a bhíos do shíor ag beartughadh connus nidhthe do ghnóthughadh lé ganfhiosaidheacht.

slige: *f.4.* árus trí gcos iarainn go láimh agus liopa beag chun na faighdeóige do choimeád; cuirtí úsc ann agus geitridhe scúighte nó faighdeóg cadáis mar bhuaiceas chun solais; ainm carraige. Caithfidh ár dtriall do bheith ar an slige airís ó theip an íle: é do bheith mar adhbhar soluis. Nách é an slige é, ná féadfadh faic do choimeád ina lámhaibh: rud tuathalach. Tá rud éigin tagtha ar úth na bó, tá sí ina slige: leathanuighthe amach: borrtha.

slighe: *b.4.* (*iol.* –ghthe, -ghte, -ghtheacha, -gheanna) bealach, ród, bóthar, casán, achar, turus; eitir, baint ó thuireasc, líomhadh; cuma, módh, comar, béas, nós; adhbhar

maireachtana; liomatáiste; ionad mór go leór; fairsinge. Níl aon tslighe cairte chun an tighe: rian: casán go bhféadfadh gluaiseacht air. Sid í an tslighe chun an bhaile mhóir: an bealach, an bóthar, an casán, an treó chun dul air. “An bhfuilim i bhfad óm thriall anois?” – “táir slighe mhór uaidh fós – tá slighe mhór go dtí é”: tamall nó turus maith fada. Níl rómhat ach slighe bheag go dtín áit: turus gearra. A shlighe féin ges gach éinne is a shlighe féin ag an bpartán: ní lia duine ’ná nós chun ruda do dhéanamh: cuma mhaith agus cuma olc. Nár fhaghair slighe i gcaiseal: nár fhanair socair is tú adhlactha. Níl slighe do bheirt againn san áit: ní réidhteóchaimís. Scaradar is ón lá san ghaibh gach éinne aca a slighe féin: a bhealach féin: ní raibh baint ná cur isteach aca ar a chéile. Caithfear a shlighe féin a thabhairt do, tá sé ró-láidir: a thoil féin do dhéanamh. Bhí an oiread san fáilte aca rómham gur dhóigh leat ortha ná raibh slighe a ndóthain aca dhom: ionad. An tslighe réidh an tslighe is fearr: an chuma mhacánta: achrann do sheachaint. Tá an dá shlighe ag an lúbaire: Tadhg an dá thaobh: bíonn sé d’iarraidh an dá thrágha do bhreith leis. Bhuail an bitheamhnach liom ar an slighe chun an Daingin: ar an mbealach a bhí agam dhá thaisteal. A dhuine charthannaigh, is maith í do shlighe chun Dé: an chuma atá tógtha agat chun é do shroichstint. Cuir as an slighe na rudaidhe sin uait: as do bhealach: i dtreó ná beid ag teacht treasna ort. Is oth go rabhas as an slighe leat, gaibh agam: go raibh an mí-cheart agam. Táir as an slighe: tá breis agus do dhóthain ólta agat. Níor bhuaileas leis an bpiléar úd an marc ach ní rabhas i bhfad as an slighe: amugha: uaidh. Ná teighir as an slighe anois, fan tímcheall annso: ná himthigh as an áit seo. Táir ag dul as an slighe, a dhuine dheóranta, fill: ag dul amugha. Ní dubhraís focal as an slighe leis, dar liom-sa, bhí gach aon rud tuillte aige: aon rud mí-cheart. Ní chuirfidh sé puinn as an slighe thu pinginn nó dhó do thabhairt do bhochtán ganntarach: puinn chun deiridh. Níl aon t-airgead ar fad agam duit, táim púnt nó dhó as an slighe: gearra. Féach ar shlighe eile ar an gcúrsa: ó threó eile: ar chuma eile. Má gheibhtear airgead mór as dhian-obair féin, ar shlighe b’fhearr do dhuine breith bog air: ar chuma. “An maireann sé fós?” – “ní mhaireann, tá sé ar shlighe na fírinne le fada”: marbh, a anam saortha. “Ar shlighe seadh, is ar shlighe eile ní fheadar!”: nuair ná bítear deimhnighthe cad budh cheart do rádh nó do thuigsint. Cuirimís an scéal ar an slighe seo: machtnuighimís ar an gcuma so ar an rud atá i dtreis againn. Cad air go ndéanfair do shlighe bheatha: an chuma chun duine do chothughadh. Is fada ar slighe a leasa é: ar an mbóthar: ag déanamh an rud a ghní a bhail agus a mhaith. D’fhágas luath ar shlighe is go mbeinn in am: ionnas. Bead ag cur na slighe dhíom, is mithid é: ag gluaiseacht ar mo thaisteal. Is é an té is fearr slighe, an té nár bhlais riamh í mar dhigh: aigne ina thaobh. Is iomdha slighe chun madra do mharbhadh seachas é do thachtadh: beart, cuma. Gheobhair slighe tríd an dtalamh uaim-se: cead gabhála. Teasbáin dom an tslighe chuige: rud do dhéanamh. Gheóbhad slighe ins an nadhbhóig: beart: ionad. Trí míle de shlighe as so go hoileán: d’achar. Slighe na faille: an casán nó saghas bealaigh déanta tríthe. Táir sa tslighe orm, ní fhéadfainn faic do dhéanamh agat: in ionad atá ag teacht treasna orm. Mar shlighe chun maireachtana ní maith an déirc: bheith ag braith uirthi. Cad é mar shlighe dhuit bheith ag cainnt bun os cionn is a fhios agat?: módh, aiste. Slighe atá aige í sin, ina dhiaidh san fear maith atá ann: béas déanamh amhlaidh. Budh chuma liom fios do chur orm nó gan a chur raghainn ann ar aon tslighe: mar seo nó mar siúd. Ar aon tslighe is cuma cad dhéineann daoine bochta, ní meádhaid brobh: pé cuma bhreithneófá ar an scéal. Labhair ar do rogha slighe leis, ní thógfaidh sé aonnidh ort: pé cainnt is mian leat. Ar aon tslighe go gcuimhneóchainn air dhéanfainn an teachtaireacht duit agus fáilte mhór: má

chuimhneóchainn in ao'chor air. Tá slighe mhaith fé: meón maith: iomchar gur deacair locht d'fhagháil air. Dhá lá ó thalamh bhí an long fé shlighe aniar: ar a cúrsa. Mo thuairm gur slighte aite atá fút: bóithre. Buaileadh ar an slighe sin é ná tiocfaidh chuige féin choidhche: i gcuma ná. Beannacht Dé go raibh id shlighe i gcómhnaidhe: ghod leanamhaint. Faid bheir óg ná leig an tslighe thar ceal: ná leig thart an chao chun bearta do dhéanamh. Tá sé ag tabhairt na seacht slighthe isteach chun a dhéanta: ag tástáil gach cuma agus treó. Tá na seacht slighthe aige siúd chughat: go leór comar chun teacht ort. Níor fhágadar slighe dhá chait chun rinnce sa cistinn: fairsinge. Dá mbeadh slighe mo chos déanta sa brógaibh agam bheidís níos seascra: áit: ionad. An bhfuil eólas na slighe agat?: an casán, an bóthar, le taisteal. Gaibh do shlighe agus leig do chách: tabhair do bhóthar féin ort. Ní mór an cur as slighe dhuit an leitir sin do chaitheamh 'on phost: duadh. Táid ar an slighe: ag dul nó ag teacht: ag druideam lé triall áirighthe. Cómhnuighim in áit as an slighe: iargcúlta. Déin slighe dho: bealach nó casán chun dul chun cinn, nó ionad suidhte. Tá an áit chómh cumhang ná fuil slighe mo thóna agam ann: fairsinge ionaid chun suidhte. Ní hionann iad ar aon tslighe: gan na tréithe ná deallramh céadna. An bhfuil an tslighe cheart agat chuige?: comar chun a dhéanta. Tabhair slighe reatha do: fairsinge chun gluaiste. "Treóruigh me, ó, a Thighearna, an th'fhíréantacht de bhrigh mo namhaide; déan do shlighe díreach im fhiadhnaisi" (Sailm V. 9). "Óir is é so an té air a scríobhtar, féach cuirim-si mo theachdaire rómhad, noch uillmheóchas do shlighe romhad" (Matha XI. 10): an bealach atá lé taisteal agat. Cá slighe dhuit bheith mar sin?: sin cuma nách cuibhe ná taithneamhach. Ní mór go bhfuil siubhal na slighe ionam táim chómh tuirseach san: gluaiseacht in ao'chor. Níl airgead aige ná slighe aige air (chuige): cao chun a dhéanta. Slighe airgid seadh í: cuma chun a bhailighthe. Is aindeis an tslighe atá aige maireachtaint ina aonar: nós maireachtana. Cuir slighe ar an dtuireasc sara gcuirtear faobhar air: géaruigh na fiacla (tanuigh iad) lé líomhán.

sligheadóir: *f.3.* cleasaidhe, beartaire cam. Aire mhaith dhuit ar an sligheadóir sin, budh gheairrid an mhoill aige do chuid do mhealladh uait: fear a bhíos ag síor-cheapadh connus brábúch d'fhagháil. Ní bheidh aon easbhaidh ar an sligheadóir úd má tá rud lé fagháil in aon áit: beartaire gan teóra.

sligheadóireacht: *b.3.* cleasaidheacht, beartaidheacht ghliocais. An diabhal buidhe ní bhuaidhfeadh air siúd 'sa chuid sligheadóireachta: cleasaidheacht: gliocas chun iompuighthe ar chao eile nuair bheadh sáruighthe. Sligheadóireacht na gile gréine a bhí dhá tharrac aige chuige d'iarraidh me mhealladh ar a thaoibh: bearta gliocais is lúbaireachta.

sligireach: (**sligreach**) *b.2.* sliogáin, blodhtacha, blúiridheacha d'áruistidhibh, ghloine, etc. briste; glór, clagairt. Beidh sligireach againn má leagann an cat na háruistidhe: ciotaidhe: fogha: mion-bhlúiridheacha. A mbíonn do shligirnigh bailighthe ar bharra taoide ann leis an gciúnas: sliogáin brúighte. An tsligireach a bhí ag an bhfear mór lé n-a chuid airgid ina phócaidhibh chuireadh uisce lé fiaclaibh an bhuachalla ná raibh faic aige: an chlagairt, an cur trí chéile is an glór.

sligrín: *f.4.* blúire nó blodh tanaidhe de shlinn, gloine, árus, etc., silteán uaradóra nó a leithéid. Crios tímcheall a cuim go raibh sligrínidhe uirthi ag glioscarnaigh fén solas:

órnáididhe beaga saora. Beidh sligrín óir fós ort: silteáin óir ar crochadh léd chuid éadaigh. Beidh sligrínidhe againn má leagtar an bórd: áruistidhe briste. Leag sé an ghloine as mo láimh gur dhein sligrínidhe (sligreacha) dhi: blodhtacha beaga. Fairimís é, b'fhéidir go seasóchadh sé, tá na sligrínidhe aige: buinn airgid.

slightheach: *a.* beartach, glic, seifteamhail, géarchúiseach, seachmallach. Má chuimhnigheann aon duine aca ar connus é do dhéanamh cuimhneóchaidh seisean, tá sé slightheach: beartach, cuimhnteach. Níl buaidhte fós air dá mhéid atá caillte aige tá sé slightheach: seifteamhail. Táir ró-shlightheach do agus í ró-shaonta dhuit níl aon ghnóth aige in aon chonbharsáid leat: an iomad cleas ar eólas agat. Chuirfeadh an rud slightheach san an dubh ina gheal ort i margáintidhibh: glic lúbach. Níor bh'aon tairbhe bheith leis ní thógfadh sé cómhairle ó éinne, tá sé an-shlightheach: claon lé n-a thoil féin do dhéanamh is do leanamhaint.

slím: *a.* caol, seang, maiseach, néata, cluaineach; truaghánta; gan gabháil. "Bíonn barr bog slím ar chaoin-chnuic Éireann": maiseach. Is iad a bróga atá go slím uirthi: go córach, gléasta. Tá talamh slím sleamhain féd chois anois agat: réidh, mín, gan gairbheacht. Is é a chuir de go slím sleamhain nuair bhí an tslaid aige: go glic foluightheach. An bád ag gluaiseacht go slím sleamhain lé cóir gaoithe: go mín, réidh, seólta. A coimín slím in éadach sróill: córach, taithneamhach. Ní cabhair shlím a thug súd dom, cad dhéanfainn mara mbeadh é?: lag ná sprionnlaithe. Féasta an aráin tslím: gan láibhín nó gabháil ann. Tá sé an-shlím tar éis a chúrsa thar lear: caithte, croithte, lom.

slime: *b.4.* caoile, croithteacht; seangacht, tanaidheacht, míneacht, gastacht. Ní itheann sí puinn d'fhéachaint an raghadh sí i slime: i gcaoile is i seangacht. Scannróchadh a shlime thu thar éis an méid ocrais a rug air: a luime is a thanaidheacht. Taithnigheann a slime gabhtha liom: an tslighe mhaiseamhail atá a cuid éadaigh uirthi.

slimideáil: *b.3.* gíotáil, cnádáil, "tuinncéireacht", neamh-phraitineamhlacht. In ainm Dé ná caith an lá orm ag slimideáil annsan: ag gíotáil: ag déanamh nó ag cur chun ruda do dhéanamh gan clódh gan deallramh. Léan ina shlimideáil oibre, ní bheinn ag tabhairt bídh dho: útamáil: neamh-phraitineamhlacht: seithléig is faillighe is neamhshuim. Ag slimideáil leis gach aon rud a chuireann roimis: tuinncéireacht. "An bhfuil sé imthighthe fós?" – "tá, tá sé ag slimideáil leis": ag ionshnámh. Beir ag slimideáil leis sin anois go mbrisfir é: ionnramháil neamhthuise.

slímín: *f.4.* duine glic, lúbach, geócaire. Cheanglóchadh an slímín díot ar nós an bháirnigh den gcloich ag súil lé rud éigin: rud lúbach, sleamhain. Slímín salach a bhíos ag braith ar gach éinne is ná deineann beart fir choidhche é féin: duine a bheadh ag fairghis ar lom chun a thairbhe bhaint as.

slinn: *a.* réidh, mín, libheálta. Talamh slinn: gan árdán ná isleán. Connus leagadh é is an áit chómh slinn leis an úrlár: mín, réidh.

slinn: *b.2.* aon rud mín, réidh, libhéalta; carraig chruaidh, ghlas, bhriosc gur furaiste a scoltadh ina sleamhancaibh tanaidhe; blúire den gcarraig seo gearrtha lé cur mar dhíon ar

thigh; lann; an chuid de sheól an fhigheadóra i bhfeirm cíorach an dlútha do choimeád ó chéile agus an t-ineach do dhaingniughadh. Sara gcuirir an ceann ar an dtigh ní mór na fallaidhe bheith ar slinn: réidh, agus faon gan árdán ná isleán. Tighthe cinn slinne ar fad atá dhá thógaint anois: leis na leacachaibh áirighthe seo. Luigheann an t-uisce ar fad ar shlinn na talmhan: ar an gcuid is ísle dhe ná bíonn a rith dhe. B'fhearr leis slinn ar thigh an leanna ná tuigheadóireacht do dhéanamh ar a thigh féin: a theaghlach féin do leigeant chun raice an fhaid agus bheadh ag caitheamh a choda sa tigh tábhairne. Cuir ar an slinn é sin im choinnibh go dtí lá éigin eile: ar lic an chunntais. Tá mór-chuid fén slinn aige: ciall agus inchinn go leór aige.

slinneadóir: *f.3.* saor slinne, eiligeadóir, déantóir sleann. Casúr an tslinneadóra is ceapórd an tsaoir: a fhearas féin i láimh gach ceárdaidhe is é is dual. Tadhg slinneadóir: a chuireadh suas í.

slinneadóireacht: *b.3.* ceárd nó gnóth na slinne do chur anáirde.

slinneán: (**slineán**) *f.1.* aon rud slinn; bas na gualann, an chuid de chois ainmhidhe anáirde ag an gcuiripe, taobh cnuic go mbeadh fánaidh leis, an ball den dtúirne go mbíonn an mhaighdeóg ceangailte ann; slios; slinn an fhigheadóra. Na slinneáin bhreághtha fir atá aige, níor bh'iongadh neart do bheith ann: an dá árd gualann. "Tá mórán airgid caithte agat" – "ná bac san, tá a thuilleadh idir (im) mo dhá shlinneán": neart im ghuailnibh chun a thuilleadh do thuilleamh. Tá sé ins na slinneánaibh aige: é ábalta ar rud do tharrac lé n-a neart. Is iomdha púnt idir dhá shlinneán ann: é de neart ann airgead do thuilleamh. Tá slinneán an bheithidhigh ar lár: an t-alt anáirde ag an gcuiripe amuigh. An mhaighdeóg ar bogadh sa tslinneán: an ball a choimeádas anáirde an roth. Do bhuail uain fharraige slinneán tosaigh an bháid a chrith ó fhosta go snaidhm í: guala: an áit go n-éirigheann sí amach aniar ó n-a tosach. Bíonn caora mhaith ar an slinneán san: guala cnuic. D'árduigh sé leis slinneán caorach: guala. Slinneán maith talmhan anuas go habhainn annsúd aige: blúire go bhfuil fánaidh leis. Tinneas nimhneach amach fé bhun mo shlinneáin: port gualann.

slinneánach: (**slineánach**) *a.* go slinneánaibh móra, láidre. Fear árd crom(a)-shlinneánach: go nguailnibh móra is cromadh ann (cómhartha nirt). Capall slinneánach agat: árd, fada: cuma mhaith air. D'iomcharóchadh sé aon rud, tá sé chómh teann-shlinneánach san: téagartha, láidir as a ghuailnibh.

slinneánaighe: *b.4.* aiste bheith slinneánach. Cómhartha nirt crom(a)-shlinneánaighe do bheith i nduine: cor chun cinn do bheith ionta. Fear mór, árd is crom(a)-shlinneánaighe ann: a ghuailne is a cheann cromtha fíor-bheagán.

slinnteóg: *b.2.* slinn bheag, thanaidhe, leaicín. Ní thabharfainn slinnteóg air féin ná ar a bhfuil aige: pingin ruadh: faic.

slioba: *f.4.* giobal, aon rud silteach, tútach. Gearradh a phus íochtair go bhfuil sé ina shlioba leis: ina leaidhb ar sileadh leis. Socruigh do chasóg ort, is ná bíodh sí ina slioba: go haindeis ar sileadh leat. Na sliobaidhe cluas atá air ní bheidís ar mhadra: cluasa

liocuighthe ar sileadh. Ná bíodh eagla ort go bhfaghfar aon rud ina slioba leis siúd: ar sileadh ná ar bóiléagar leis. Tá a shrón ina slioba ó bheith ag ól: cuma ghránda thútach, atuighthe uirthi.

slíobach: *a.* mín, snasta, slíogach, géar. Tá an peann agat go slíobach, níl aon bhaoghal air: ná gur greanta í: deagh-chríochnuighthe. Idir phota agus uile táid go glan, slíobach aice as an abhainn leis an ngréin ar an bport: slíogach, mín, gléasta. Is beag an mhoill ar an soiséal so moirtís do ghearradh, is é atá go slíobach: faobharamhail. Gaoth shlíobach de dhruim na gcnoc ann a gheóbhadh tríot go cnámh: géar.

slíobadh: *f.* (*-btha*) cuimilt, scriosadh, glanadh, slíogadh, líomhadh, leadhbadh, basadh. Is aoibhinn leis an gcat bheith ghá shlíobadh: ag cuimilt bhaise dhe. An cat ghá shlíobadh féin dem loirgnibh ag súil lé rud: ghá chuimilt féin. An cat ag slíobadh an ime den bpláta: ag leadhbadh. Mé ar mo dhícheall ag slíobadh na n-iascán den gcarraig le bior: ag scríobadh, scriosadh. Ag slíobadh tóin an bháid sara gcuirtí gaiste fúithi: ag scriosadh salachair is carra dhi. Budh bhreágh leat bheith ag slíobadh orm anois, tá a fhios agam go bhfuil rud éigin uait: ag lútáil. Ag slíobadh na tuagha: ag baint uaithi.

slíobaim: *b.a.* cuimlim, scriosaim, scríobaim, mínighim, cuirim faobhar ar, basaim. Slíob an cat, is maith leis é: cuimil do bhas de. Slíob go maith na gloinidhe sin, táid an-shalach: scrios iad. Slíob an salachar ded chasóig: scríob: bain de lé rud éigin géar. Slíobann an síor-shiubhal ortha leacacha na sráide: mínigheann. Slíob do bhróga go maith: cuimil is cuir gléas ionta.

sliobar: *f.1.* aon rud silteach, tútach. Bróg leis ina sliobar: mar bheadh gan í fáiscithe air. An chasóg mhór ina sliobar ina dhiaidh: ar sileadh leis. An seól tuitithe ina shliobar lé n-a cliathán: ina stroill san uisce.

sliobarnghail: *b.3.* bheith ar sileadh, mar bheadh éadach ag bualadh i gcoinnibh ruda. An seol ag sliobarnghail leis an gcrann: ag bualadh ón ngaoith ina choinnibh. Brat na fuinneóige ag sliobarnghail leis an siolla: ag corruighe 'sag bualadh. Stad an gluaisteán, tá sliobarnghail ag an ngárda lathaighe: glór mar bheadh sé ar bogadh is ag bualadh ar rud éigin.

slíobtha: *a.r.* snasta, gléasta, géar. Sceana búird go slíobtha ann: gléas ionta. Tá an sciainín go slíobtha sleamhain agat: cuimilte, mínighthe, glan.

slíocaidhe: *a. n-dh.* sleamhain, glic, néata, niamhrach, gasta. Ní fhéadfá dul amach ar fhear slíocaidhe mar é sin, nuair budh dhóigh leat gur ag gabháil soir do bheadh sé is ag gabháil siar do bheadh: duine gur deacair léigheamh air. Dhein sé an bheart go slíocaidhe gan neach ghá thabhairt fé ndeara: lé ganfhiosaidheacht. Is iongtach an mhéar atá aice, bíonn gach aon rud go slíocaidhe ina diaidh: go néata.

sliocaidheacht: *b.3.* snastacht, niamhracht, néatacht, gléastacht, sleamhaine iomchair. Is í an bhean chúramach, ghasta í fágann sí sliocaidheacht ar gach rud go mbaineann leis: snastacht a méar. An chéad rud a thugas fé ndeara ar bórd na luinge an tsliocaidheacht i

ngach treó: gléastacht. Sliocaidheacht a cuid gruaige: í ciortha, gasta, luighte. Ní fhéadfá bheith maith do dhóthain dá sliocaidheacht súd, ní fhéadfá léigheamh ar a bhóithribh: an chuma mhilis, ghasta a labhrann is a ghní sé.

slíocaim: *b.a.* cíoraim, mínighim, liocuighim. Slíoc a folt di: réidhtigh is cíor go gleóidhte é. Slíoc amach an t-éadach ar an mbórd: leath amach é ar a fhaid is ar a leithead. Shlíocas mo cheann i gcóir scoile: chíoras is luigheas an ghruaig siar air.

sliocht: *f.3.* síolrach, geinealach, treabh, síol, cuainne, sluagh; rian, cómhartha. D'fhan san sa tigh gan corruighe as an áit sin ó shliocht go sliocht: ó ghlúin glúin. D'oibrigh sé go cruaidh d'fhonn agus an t-ionad do choimeád do féin agus dá shliocht: dá chlainn ina dhiaidh. Go raibh sliocht sleachta ar shliocht do shleachta: go raibh clann do chlainne rathamhail agus mar sin dóibh. Fuaireadar bás gan sliocht: gan neach clainne. Ní clann a bheidh aige ach sliocht: scuaine mór díobh. Sliocht agus séan ort, a dhuine chóir: go leanaidh rath clainne agus ádh thu. Sliocht ministir nó geamhar ithreach: nach maith iad. Is é gheibheann an deagh-chotháilt is gan a shliocht air: rian maitheasa an bhídh. Go gcuiridh Dia an rath ar do shliocht: do chlann. Bhuaileadh Dómhnall Ó Cobhthuigh is a shliocht chughainn: a chlann 'sa lucht leanamhna (an bhóthair). Ba gan sliocht atá agam: gan gamhna.

sliochtaim: *b.a.* leadhbaim, glanaim, scriosaim. Dá mbeadh plátaidhe fé chruachaibh agat shliochtfadh clann an tighe seo iad, bail ó Dhia ar na leanbhaidhibh: ní fhágfaidís rian gan glanadh. Nách gleóidhte shliochtann an cat an scailtín: leadhbann gan faic d'fhágaint ina dhiaidh air.

sliochtaithe: *a.r.* glanta, leadhbtha. Na gloinidhe chómh sliochtaithe de dhígh aca is ná beadh aon bhraon riamh ionta: diúgtha. Tá an pláta sliochtaithe ag an madra: a raibh air ithte, leadhbtha aige.

sliochtmhar: *a.* go mórán clainne, glúinibh, líonmhar, daoinmhear. Dréir gach deallraimh níor chinidh sliochtmhar sibh ar a luighead agaibh atá san áit: ní raibh rath clainne oraibh. Sinnsear shliochtmhar dob eadh iad ar a bhfuil dá n-ainm san áit: líonmhar: torthamhail. Níl an dúthaigh seo chómh sliochtmhar is bhí nuair bhí ocht milliún innte: líonmhar.

sliodarnach: *b.2.* sciorradh, stroilleadh. Leagadh é is é ag sliodarnaigh anuas ráil an staighre: ag sleamhnughadh ar a thóin. Tá an fhaill ag sliodarnaigh as a bhun: ag stroilleamhaint: ag scéitheachtaint.

slíogtha: *a.r.* snasta, gléasta, mín. Is maith slíogtha an croiceann atá air: ní hiongadh dho san, sin é deir a chuid bídh leis: cneas mín air is gléas ann. Capall iallaite slíogtha fé go mbeárrfá thu féin ann: croiceann mín is gléas ann air ó bhiadh mhaith.

sliogach: *a.* go sliogánaibh, ar nós sliogán, ballach; deaghchroicinn. Ar barr taoide bíonn an tráigh sliogach: sliogáin shlána is bhriste caithte isteach uirthi. Is deacair siubhal

treasna na faille tá mion-chlocha sliogacha ann a stroillfeadh ód chois: ar nós na sliogán briste. Capall sliogach dubh: deaghchroicinn cothuighthe, gléasmhar.

slíogach: *a.* mín, gléasmhar, síodamhail, bláthmhar, milis, sleamhain, míonla. Á, mhuise, is é an mada ruadh é, nách slíogach a chuireann sé chughat rud d'fhagháil: go gasta, milis. An teanga shlíogach atá aice, mheallfadh sí aon rud: mín, sleamhain. Níl easbhaidh a choda air seo ar an gcroiceann slíogach atá air: gléasmhar, folláin. An drom slíogach atá ar an madra: mín féd láimh, bhraithfeadh sé ar nós an tsíoda.

slíogaim: *b.a.* cuimlim go cneasta, bascaim, bláthnuighim, lútálaim. Cuirim gléas is snas air. Dá shlíogfá anois é bheadh sé sásta: dá mbeifeá ag cuimilt do bhaise dhe. Slíog siar do chuid gruaige, tá sí anuas ar do shúilibh: réidhtigh is cuimil í. Slíogfaidh an braon so an scórnach agat: cuirfidh íle fúithi: beidh sí go mín, réidh ina dhiaidh. Slíogann an íle an leathar: tugann uachtar mín air agus cuireann gléas ann.

sliogán: *f.1.* an clúdach cruaidh a bhíos ar ainmhidhthibh is éisceannaibh áirighthe. Tá sé chómh cluthair le miongán ina sliogán .i. ní bhfaghfá focal as: deacair a mhúscailt. Sliogáin Bháirneach: a gclúdach cruaidh nuair bhíonn an biadh asta. Tá sliogán ag an mbuin, tá sí tosnuighthe ar thórmach: borradh beag ina húth. Níl innte ach sliogán báid: bád beag, éadtrom gan tathnag chun farraige. Oiread sliogáin de bhád: báidín an-bheag, an-dhearóil. Bhíos im fhear sara rabhais as an sliogán: sar ar saoghluigheadh thu. Seachain na háruistidhe nó beidh sliogáin againn: blodhtacha.

sliogarnach: *b.2.* clais shliogán, blodhacha áruistidhe, etc. Má thuiteann an fhuinneóg beidh sliogarnach againn: blodhtacha briste. Tá sliogarnacha lé fagháil feadh an chósta annso ó thráth éigin go maireadh na daoine ar bháirnigh, etc.: claiseacha cairn shliogán.

slíogtha: *a.r.* mín, réidh, snásta, gléasmhar. An seithe slíogtha atá ar an stoc, is iongtach an talamh cothuighthe atá aca: gléas ionta lé feóil. Nách í go bhfuil an ceann slíogtha uirthi: glan giobtha, a folt go socair cíortha gasta. An chistinn chómh slíogtha aice, ní mór ná go bhfeicfeá thu féin i ngach rud innte: glan, gléasta.

slíomadh: *f.* (*-dhtha*) bladaireacht, gléasadh, míniughadh. Ag slíomadh an bhúird lé plána: ag míniughadh an uachtair. Ag slíomadh a cuid gruaige lé n-a bais: ghá cuimilt is ghá luighe siar. Bír i gcómhnaidhe ghom shlíomadh, b'fhearr liom thu bheith i ndáiríribh liom: ag moladh is ag bladaireacht.

slíomadóir: *f.3.* bladaire, meallaire, sleamhnánaidhe. An slíomadóir ghá leigeant air go raibh sé dealbh ar fad go bhfaghadh sé cuid: meallaire. Ar chualaís a leithéid de mholadh riamh, an slíomadóir, ní fheadar cad a bhí uaidh?: bladaire. Gheallfadh an slíomadóir sin na huirc is na hairc duit is ní thabharfadh oiread an chaithne duit: camaire. Ghoidfeadh an slíomadóir sin rud amach ód shúil: gadaidhe ciúin.

slíomadóireacht: *b.3.* bladaireacht, meallaireacht, sleamhnán, ganfhiosaidheacht. Cad í an tslíomadóireacht atá ort tímcheall na háite sin? dar ndóigh níl faic leat-sa ann: boladhghail is ganfhiosaidheacht. Ní maith liom in ao'chor an tslíomadóireacht so, tá

teanga ró-mhilis ar fad agat: moladh gan chion. Chúbáladar chúcha a chuid airgid lé slíomadóireacht cheart, ghá gheallamhaint go bhfaghadh sé thar n-ais é agus breis: lúbaireacht. Bhí iontaoibh as mar chléireach agus go dtí go raibh an áit creachta aige nách mór lé slíomadóireacht ní deaghthas amach air: ag cúbláil rudaidhe chuige lé ganfhiosaidheacht.

slíomtha: *a.r.* mín, snasta, gléasta. Sála slíomtha fé n-a brógaibh: gléasta lé smearadh is cuimilt. Budh bhreágh leat féachaint uirthi gabhtha go slíomtha: a cuid éadaigh is uile go snasta, taithneamhach uirthi.

slios: *f.3.* taobh, taobh fuinneóige nó dorais – ó dhoras (fuinneoig) go faobhar falla, faobhar; ceanntar fairsing mar bheadh lé hais cnoc; fánaidh, sleamhanc; bas. Comhnuighim ó thuaidh ar an slios: ar liomatáiste fhairsing ag bun na gcnoc. Is maith an slios cnuic chun ainmhidhthe é sin sa gheimhreadh: taobh fairsing. Maididhe rámha go bhfuil sleasa móra ortha: leathan ón lár istigh ar gach taobh go faobhar. Slios fuinneóige: ón ngloine fiar-sceó go faobhar an fhalla istigh. "Torann na dtonn lé sleasaibh na long": taobhacha (a bhíos ar fiar-sceó). Bata agus slios air: é caoluighthe mar bheadh béal díngthe. Ag tabhairt ár dtosaigh do shleasaibh fuara na mara: tonnaidheacha árda is fánaidh leó. An slios chun aighnis atá uirthi: sleamhac amach .i. ní féidir cainnt do thabhairt di. Theangmhuigheamair ar oileán iargcúlta i lár bóchna agus chaitheamair lá ag seóladh feadh a shleasa sara ndéineamair calathóireacht: lé n-a chósta: taobh: faobhar. Nuair iarras iasacht na húirlise air is amhlaidh do chuir sé slios air féin chugham: driuch míothaithneamhach. Thugamair tamall fada ag siubhal lé slios na habhann sara bhfuaireamair áth uirthe: lé n-a taoibh. Tuitfidh an fhaill agus ní fada go dtí é, tá slios amach air: scéimh mhór.

slios-: *i gcfbh.* taobh, bruach, scéimh. Bhí an dá bhád ag slios-bhualadh agus tháinig eagla orm go ndéanfaidís díoghbháil a chéile: a gcliatháin ag cuimilt dá chéile lé corruighe na farraige. Tá an cósta slios-chaithte ann: lé faobhar na farraige é ag caitheamh leis. An leabhar chómh slios-chaithte sin lé haois go raibh cuid des na foclaibh ar iarraidh: a cheasa ithte leis an aimsir. Oileán slios-fhada an Blascaod Mór: oileán fada cumhang atá ann. Thug sé slios-fhéachaint orm nár thaithnigh liom, d'aitheóchadh duine go raibh rud éigin ar maoith aige: súil i leath-taoibh. Bíonn an cósta slios-ghléigeal nuair bhíonn an fharraige ag briseadh air: an chiumhais ar fad bán lé cúbhrán. An ciste slios-ithte ag an madra: an chiumhais tímcheall ithte. Dúthaigh slios-leathan an Rúis: teóranta fairsinge aice. Bórd slios-lag é, tabhair aire dho: a thaobhacha lag. Slios-mhogall an lín: an suaithne: an mogall láidir dúbalta cuirtear tímcheall leis chun a neartuighthe. An bhfeacaís a slios-mhéireanta ar aon mhnaoi riamh: iad fada, caol chun barra. Tonnaidheacha slios-uaine: a bhfánaidh uaine.

sliosach: *a.* go sleasaibh. Fuinneóg leathan-shliosach: go mbeadh fiar-sceó mór aice.

sliosadh: *f.* (*-sta*) gearradh, fairsingiughadh mar taobhfhalla fuinneóige, fánaidh do bheith lé. Ó barr go bun tá an fhaill ag sliosadh: ag imtheacht fiar-sceó. Ní mór an sliosadh atá ag an bhfuinneóig .i. ní leathanuigheann sí ar a taobhachaibh. Fearas chun feóla do shliosadh go gleóidhte: do ghearradh ina slisneógaibh tanaidhe.

slis: *b.2.* blúire leathan gearra adhmaid go lona chun éadaigh do bhualadh i nigheachán, scolb, bata, tuairgín. Aon mhaith níl bheith ag cainnt leis, tá sé chómh bódhar le slis: bodhar ar fad. Dá mhéid a bhí imthighthe orm, agus budh mhór é, níor cuireadh an tslis mhín orm go dtí gur cailleadh mo bhean orm: an chaidhp bháis: cuimleadh sop is uisce ar fad díom. Gothaidhe is geámaidhe a athar fé ar gach slighe go maidean slis den seanmhaide atá ann: aithbhre a athar d'fheabhas nó d'olcas. B'fhearr liom bheith ag gabháil lé slis air ná bheith ag tabhairt bhídh do: ní thaithnigheann a chuid iomchair ná a ghnóthaidhe liom.

sliseáil: *b.3.* bualadh lé slis, bualadh éadaigh chun a ghlanta, tuargaint leadráil. Chuala ag sliseáil an bhean ar lic na habhann. Inneósachad-sa dhuit cad raghadh go maith dho, sliseáil!: bualadh, smísteáil.

sliseóg: *b.2.* blúire tanaidhe fada, gearrtha d'aon rud. Sliseóga prátaidhe: blúiridheacha gearrtha go héadtrom, tanaidhe. Sliseóga is iasc.

slisne: *f.4.* sliseóg, scolb, stráice tanaidhe éadtrom adhmaid, faighneóg. Bain slisnidhe den mbloc san go n-aduigheann teine: scuilb: blúiridhe fada tanaidhe. Ní bhainfeadh do bhuille slisne den ngráine: an clúdach buille gan fuinneamh. Ní fear teann ná téagartha é níl ann ach slisne: éadtrom, caol. Caith isteach i lár an fhalla na slisnidhe (cloch) sin: spallaidhe: mion-chlocha tanaidhe.

slisneach: *f.1.* scuilb, mion-shlapair, duilleabhar is blúiridheacha géag. Mar a leagtar an crann seadh bhíonn a slisneach: fuighleach a ghéag 'sa dhuilleabhar: mar a ndéintear an droich-bheart is ann a bhíos a cómharthaidhe. Ag bailiughadh slisnigh chun teineadh do dhéanamh: blúiridheacha adhmaid, aitinn, etc.

sloc: *f.1.* poll, cuas, logall. Sloca na súl: logall. Sloc isteach fén gcarraig: cabha: áit fhollaimh. Sloc i mbun an ghuirt: clais.

slog: *f.1.* an méid lachta a glacfaí san scórnaigh d'aon iarracht; caitheamh siar obann. Bain slog as an mbuidéal so: tarrac amháin scórnaighe. Slog beag a bhain sé as: braon beag.

slogadh: *f.* (*-gtha*) do ghlacadh sa scórnaigh go hobann, alpadh, múchadh; do dhéanamh coda féin de rud; scórnach an bhídh; ciseach. Is mór an slogadh do fuair an méid úd bídh, níl pioc fágtha: alpadh: itheadh tapaidh thar meón. Is áidhbhéil an slogadh atá sa simné sin: é an-fhairsing nó tarrac an-láidir aige. Ní hól a néann sé siúd ach slogadh: deoch do thógaint lé fuirse. Gheóbhaidh sé slogadh uaim: íosfad nó ólfad é go tric tapaidh guilmeach. Ag slogadh leanna duibhe ar feadh an lae: ghá ól gan puinn eaga do chaitheamh leis. Tabhair eaga chainnte dhom is ná bí ghom shlogadh: ghom alpadh: go mí-chéadfadhach garg liom. Is mór an slogadh atá ar t'iothlainn: mórán ainmhidhthe chun a hithte. Tá slogadh ró-fhada aige: caitheann tamall mór ag ól ruda nó ólann sé an iomad. Aon fhocal cainnte níor fhéadas do dhéanamh leis an maighre bhí gach éinne ar an gcósir ghá slogadh orm: ag déanamh a gcoda féin di. B'fhearr liom an talamh dhom shlogadh ná

a leithéid do rádh: me mhúchadh. Níl aon fhonn sloigthe ar an iasc indiu: breith ar bhaoite.

slogadh-chognadh: *f.* (*-ganta*) itheadh is alpadh. Lé barr dúlach is é thug an slogadh-chognadh don ailp feóla: alpadh mar dhéanfadh craosaire.

slogaire: *f.4.* alpaire, craosaire; féith thalmhan, poll guairneáin, uaimh. Ní fhéadfá biadh do theannadh leis an slogaire sin: craosaire: duine a chaithfeadh siar biadh agus deoch ar nós na muice. Chuir an slogaire an t-árus go tóin sar ar thóg sé dá cheann é: duine go mbíonn diúch áidhbhéil chun glactha aige. Chuaidh an bhó ar lár go bolg i slogaire: féith thalmhan: áit bhog, uisceamhail. Ag dul treasna trágha ní mór duit bheith aireach tá slogairidhe go leór innte go múchfaí ionta thu: puill ghuairneáin. Téighir abhaile, a shlogaire, is ná tabhair náire dhuit féin: óltóir trom.

slogaireacht: *b.3.* alpaireacht, craos; ólachán, ól trom, tapaidh. Budh mhór an tslogaireacht don mbeirt aca ceann muice d'itheadh: craos: itheadh thar meón. Ná feiceadh éinne ag slogaireacht an bhídh mar sin thu: ghá alpadh go neambéasach. Ar an ocras atá anois ortha gheóbhaidh an dínéar slogaireacht uatha: alpadh: itheadh mear lé guilm. Ag slogaireacht óil go maidean: ghá íbh go trom agus go tiugh.

slogamóir: *f.3.* craosaire, alpaire, amplóir, suthaire. Cé bheathóchadh an slogamóir sin? bheadh cúram air: amplóir nách féidir dóthain do thabhairt do.

slogán: *f.1.* an scórnach, féith, poll guairneáin. Níl aon easbhaidh slogáin air: d'íosadh is d'ólfadh cuid mhaith: tá an diúlfaidheach go maith aige. Tairngeófar a thuilleadh tíortha i slogán an chogaidh seo sara mbeidh críoch leis: guairneán is coimheascar.

slogarnach: *b.2.* glacadh obann guilmeach, tríd an scórnaigh, sliacht. An gcloisir ag slogarnaigh na dighe é?: ag déanamh glóir scórnaighe léi lé guilm a caithte. Is mór an dúil atá i ndigh aige, bíonn slogarnach ag gabháil siar aige léi: glór lé deabhadh is guilm.

slogóg: *b.2.* deoch bheag d'aon iarracht. Bain slogóg nó dhó as an mbuidéal, ach ná téighir dian air: bolgam. D'ól sé gach ciota d'aon tslogóig amháin go tóin: gan an t-árus do thógaint dá cheann ná a anál do tharrac. Is gránda ólann sé a chuid dighe, mhuis, ina slogógaibh: bolgamaibh móra gan socracht.

slograch: *f.1.* gáitéar, múnloch, oscailt mar bheadh fé chlaidhe chun uisce, etc., do tharrac. Nigh sa tslograch na háruistidhe: árus fé sconna i gcistinn etc., is sileadh as. Scéidh an t-uisce amach fén mbóthar, tá an tslograch tachtuighthe: an poll go n-imtheóchadh sé tríd. Slograch na bunndalaighe: an séithleán a cuirtear fúithi chun sileadh an chinn do tharrac.

sloigim: *b.a.* alpaim, ithim nó ólaim d'aon iarracht, múchaim. Ná sloig me, a dhuine, beir fada air go mínighead duit cad tá uaim ort: ná bí cutagach, goirgeach liom. Sloig siar, cad é an col atá agat leis: caith siar de thapaidhean é. Cheileabhair sé orm mar shloigfeadh an talamh é: mar osclóchadh fé n-a chois is chlúdóchadh air. Cár imthigh mo mhealbhóg? ní

héinne a shloig í: d'árduigh siar ina bholg é. Shloig an talamh é, ní feacthas riamh ó shoin é: cheileabhair sé ó radharc is thuairisc na ndaoine. Sloigfidh sé beó, beathadhach thú i dtaobh a leithéid de dhearmhad do dhéanamh: beidh sé ar dearg-bhuile leat. Cad é an t-eagla atá agat roimis? ní hamhlaidh a shloigfidh sé thu: a íosfaidh "idir cheirt chroiceann" thu. "D'eagla go sloigfeadh an talamh sinne mar an gcéadna" (Uimhreacha XVI. 34): go n-osclóchadh is go n-iadhfadh ina dtímcheall. "Sloigeam suas iad beó mar an uaigh; agus iomlán mar an druing théid síos annsa bpoll" (Seanráidhte I. 12): itheam iad: foluigheam iad. Do shloig an ceódh (oidhche) orm é, is ní fheaca as san amach: do mhúch: chlúduigh: cheil. Shloig an costas pé sochar a bhí déanta agam: d'éist: d'imthigh aige, an uile phinginn de. Ná tuig ar feadh nóiminte go sloigfinn easonóir ó ghaige bleaigeáird mar thusa: go bhfoidhneóchainn. Níl aon fhocal dá bhfuil ráidhte agat ná go sloigfir fós: ná go gcúlfair. Cé shloigfidh an áidhbhéis sin uait?: a bheidh chómh baoth is go gcreidfidh sé thu. "A threóraidhthe dalla, scagas an mhíoltóg agus shloigeas an camall" (Matha XXIII. 24): d'itheas d'aon ghreim! Sloig do chuid bídh agus bí amuigh!: caith siar go tapaidh é. Bhí sé ar tí ruda éigin do rádh ach shloig sé é: chúb sé chuige an focal.

sloigisc: *b.2.* graimisc, cóip, bruithnisc, gramhasc. Bhailigh sloigisc tímcheall air agus b'éigean dos na gárdaidhibh a chosaint: sluagh bagarthach. Sloigisc ós na cúlshráideannaibh tímcheall an tsiopa ag éigheamh ar arán: cóip: bruithnisc: sluagh ná bíonn aon deaghfhuadar fútha. Fágaimís an tsloigisc seo, ní cuideachta dár leithéidíbh-ne iad, gleódh is achrann atá uatha: an dríodar daoine.

sloigthe: *a.r.* alpuighthe, ithte nó ólta d'aon iarracht, gobluighthe, múchta, sáidhte go doimhin. Bhí sé sloigthe ag an uain sar ar ránguigh liom mo lámh do riochtaint: múchta: clúduighthe. Níl pinginn agam ná go bhfuil sloigthe uaim ag an lá: árduighthe leis aige i gcaitheamh. Tabhair faoiseamh éigin dom, táim sloigthe agat lé cainnt: múchta: báidhte. An bhfuil an méid sin dighe sloigthe ó mhaidean agaibh?: caithte siar gan chall. Fairír! mo léan, táim sloigthe i bpeacaidhíbh: ualach trom díobh orm. Bheadh náire orm labhairt dá mbeinn chómh sloigthe i ndaille leat: an oiread san aineólais.

sloigtheach: *a.* alpach, craosach, sanntach, báidhteach, múchtach. Is sloigtheach an duine tímcheall na dighe thu: d'ólfá an t-aimeón di gan puinn eaga do chaitheamh léi. Tigh sloigtheach ar airgead atá ann: chaithfeadh na daoine ann mór-chuid de i gcomhnáird lé daoinibh eile. Béal mór sloigtheach ar an eascúin fharraige: a ghlacfadh cuid mhór d'aon iarracht. Tá deatach agaibh, níl bhur simné ró-shloigtheach: níl sé leathan, fairsing: gan tarrac mór aige.

sloinneadh: *f.* (*-nte*) ainm bhuan, dúthchais a bhíos ag dul lé gach ball de threabhachas, a síntear ó athair go mac; d'ainmniughadh, do luadh, d'áireamh, do mhíniughadh, do chomharthughadh. Scríbh síos ar an líne sin t'ainm agus do shloinneadh: an focal gairme atá ort agus ar an dtreibh dar díobh thu. Caomhánach mo shloinneadh: an ghairm a tugtar ar mhuinntir mo chuid fola ó ghlúin glúin i sraith na bhfíréann. Cad í an tsloinneadh atá ort?: ainm treabha. Níl ach trí sloinnte ar an mbaile Ó Foghladha, Ó Conchabhair, agus Ó Donncadha. Is fada go raibh do shloinneadh eadrainne: ainm muinntire. Comh-shloinneadh dhom seadh é: cómhainm: duine go bhfuil an ghairm chéadna cinidh air. Dubhradar liom mo dheoch do shloinneadh: í d'áireamh. Dubhairt sé leis ina ainm is ina

shloinneadh go raibh a fhios aige cá raibh a thriall: d'agall sé é mar seo, "A Sheáin Uí Sheaghdha", etc. D'aithneóchainn an rud go bhfuilir ag tagairt do, tá a shloinneadh tugtha go maith agat uait: a chómharthaidhe go cruinn. Gadaidhe gan sloinneadh an té a fhuaduigh mo chuid-se: duine is eól dom ach ná hainmeófar ar an láthair. Sloinnte Gaedheal is Gall. Níl aon rud a dheineas riamh ná go raibh sé ghá shloinneadh annsúd dom, rudaidhe a bhí imthighthe as mo cheann leis na ciantaibh: dhá áireamh is dhá thagairt liom.

sloinnim: *b.a.* ainmnighim, gairmim, deimhnighim, aithrisim. Cad ólfair? sloinn (sloinnigh) do dheoch: cuir ainm uirthe. Sloinneadh Seán orm i ndiaidh m'athar: tugadh an ainm sin orm. Ní shloinnfinn me féin ar ór na cruinne: ní inneósainn cé hé me féin. Is maith a sloinneadh é an lá tugadh "Seán Cam" air: tugadh gairm oireamhnach do. Sloinneadh síos a chortha dho: ainmnigheadh iad ceann ar cheann.

sloinnte: *a.r.* glaoidhte, ainmnighthe, áirighthe, aithriste. Nách dóigh leat ná go bhfuilim sloinnte go maith agat agus stad, ní bhfuaireas a leithéid d'aithis ón lá beireadh me: leas-ainmneacha go leór tugtha dhom. An chéad bhabhtha eile, tá na deocha sloinnte rómhat anois: a cheann féin áirighthe ges gach éinne. Sin iasc ná fuil sloinnte againn: ainm fachta nó tugtha dho. Na daoine atá le dul ann níl a n-ainmneacha sloinnte fós: aithriste, foillsighthe.

sloinnteóir: *f.3.* duine eólgaiseach ar gheinealach daoine, teangthach, luibheann, etc. Níl aon luibh sa chúige ná go dtabharfadh sé ainm duit uirthi, sloinnteóir cliste seadh é: duine go mbíonn eólas cruinn aige ar stair eascair luibheann, planndaidhe, etc. Gheóbhaidh an sloinnteóir úd ainm do nuair chloisfidh sé cad thárlaidh dho: fear tugtha do leas-ainmeachaibh dréir airdheann nó tréithe dhuine. Ó, ní raghaidh sé amugha in ao'chor air ainm do thabhairt ar dhuine, sloinnteóir maith é: baisteóir: is fearr é chun leasainmneacha 'ná aon rud eile.

sloinnteóireacht: *b.3.* taighdeadh geinealach, sean-aimsireacht; baisteóireacht. Sloinnteóireacht luibheann is planndaidhe a ghairm: an ealadha atá aige bheith ag déanamh lorgaireachta ortha. Ní théigheann aon stad ar an mbáistigh ach ag sloinnteóireacht ar an bparróiste: ag tabhairt leas-ainmeacha ar dhaoinibh. Aithis bheag mhná a chaithfeadh a lá is a saoghal ag sloinnteóireacht le mnáibh cómharsan: sean-aimsireacht.

sluacht: *f.3.* ciachán, tochtán. Tá sluacht slaghdáin orm: gan mo ghuth glan.

sluachtaim: *b.a.* cuirim ciach ar. Sluachtann breis chainnte me: tagann ciach orm.

sluachta: *a.r.* aiste ciach nó tochtán do bheith ar. Táim sluachta, níl ionam focal cainnte do chur díom: tachtuighthe suas im scórnaigh.

sluagh: *f.1.* cuid mhór dhaoine, scata, bailiughadh, cruinniughadh mór, trom; arm; trom-lucht leanamhna. D'árduigh an sluagh sidhe leo é: na daoine maithe. Beidh sluagh sa tsochraid sin, mar duine mór-charaid dob eadh é: bailiughadh mór. Ní mór d'fhear in

ionad poiblidhe do bheith aireach ar an sluagh, d'iompóchaidís ina choinnibh de phreib: na daoine i gcoitchinne. Is fada ar shluagh na marbh é, gura mhaith an mhaise dho é: ar shlighe na fírinne: ar an mbuidhin is mó. Fadó lé linn m'óige bhíodh na sluaighte ar na ráiseannaibh, anois chomhaireófá an méid a bhíos ann: díormaidhe móra. Raghaidh sluagh an tighe go léir ar do phósadh: muinntir an tighe. "Is dóigh lé bailithín (dailtín) na gcuach gur mar é féin do bhíonn an sluagh": an té a bhíos ar meisce ag iomad dighe is dóigh leis go mbíonn gach éinne ar meisce. Bhailigheadh na trom-shluaighte tímcheall fir na gcleas is a mbéal ar leathadh aca: na céadta daoine. Ní raibh ach sluagh éadtrom ar an aonach indiu: beagán. Sluagh mór beithidheach: táin. Seachain thú féin ar bhéal an tsluaigh: ar tháinseamh na coitchiantachta. Cuireadh gairm sluaigh ar an ndúthaigh: fógra an gnáth-arm do theacht go ceannphort. Marbhuigheadh triúr ceann sluaigh in aon chath amháin orainn: cinn urraidh. An tsleagh bhí ag Murchadh an urchair mhóir, i gcath Chluain Tairbh ag treascairt na slógh: na saighdiúiridhe a bhí bailighthe chun a throdta. An dteastuigheann uait an sluagh bheith ag cleith-mhagadh fúm?: na daoine go léir. "An bpósfadh aon bhean thu?" – "na sluaighte": cuid mhór díobh. Sluagh beach: saithe. I gceannas sluagh Éireann: fir Éireann: ár n-arm uile. Dá mbeadh an sluagh sluaigh aca ní raghaidís i bpáirt mar chuadar: an spirid is an dilseacht cheart d'onóir is leas buidhne. A Dhia na slógh, fóir ar m'anam: daoine an domhain ó thúis deireadh. "Agus abruidh ré Amasa, nách dem chnáimh agus dem fheóilse thusa? go ndeárna Dia sin agus fós níos mó liomsa, muna raibh tusa ad cheannurra an tslóigh agamsa choidhche a n-áit Ióab" (2. Sam. XIX. 13): os chionn gach éinne. Tá deireadh lé sluaighte gluaisteán go dtí thar éis an chogaidh: mór-chuid díobh ag síor-ghluaiseacht. Aon toradh níl agam-sa ort ná ar do shluaightibh: lucht leanamhna.

sluagh-: *i gcfbh.* mórchuid, arm, líonmhar, cnuas. Gluais lé sluagh-bhuidhean ag ionsaidhe an árdáin úd thall: díorma mór saighdiúiridhe. Mo shluagh-bheannacht díbh: mo bheannacht díbh i bhfochair a chéile. Ní tógfar chómh bog san an áit orainn, táthar chun sluagh-chosaint do dhéanamh air .i. rachfaidh scataidhe ghá chosaint. Cad n-a thaobh an sluagh-dhúiseacht so ar an dteaghlach?: a bhfuil ann do mhúscailt. Ó, náire chuige, níor bh'aon rud leat puinn slaid ó dhuine nó beirt, ach an tsluagh-ghadaidheacht so: gadaidheacht fhóirleathanadamhail. "Déintear sluagh-ghairm", ars an rí "ar mo dhaoine in aimsir seo na broide": glaoidhtear ar mhuinntir na dúthaighe go léir. Ní ar éinne amháin atá an galar so, sluagh-ghearán seadh é: gearán atá coitcheann. Má thagair in ár measc chun labhartha ná bíodh eagla ort ná go bhfaghair sluagh-éisteacht ann: éisteacht ós na daoinibh go léir. Gluaisimís tá an sluagh-líon againn: an méid atá ag tastáilt uainn. Níl aon áit dár chuir sé a chos nár lean sluagh-mhallacht é: sraith díobh. A thruagh choidhche an sluagh-mharbhadh atá dhá dhéanamh ag an gcogadh so ar dhaoinibh neamh-chionntacha: ár áidhbhéil. Connus chothóchad in ao'chor an sluagh-mhuirear atá orm agus a ghainne is a dhaoire atá biadh?: líon mór trom daoine. Lé n-ár sluagh-neart ní féidir sinn do chlaoidheachtaint: ár neart uile i dteannta a chéile. Cé an sluagh-reachtaire atá i mbun an bhídh annso?: an té atá freagarthach ann. Is beag í do thuairm don lánamhain bhig seo, cuirfead geall leat go mbeidh sluagh-shíol ortha: sliocht trom clainne. Na cómhachta atá ag troid a chéile anois táid go sluagh-láidir: airm mhóra líonmhara aca ar gach taobh.

sluaghadh: *f.1.* bailiughadh, cruinniughadh airm, daoine. Dia dár gcosnamh lá an tsluaghaidh: lá an aiséirighthe. Lé heagla cogaidh chuir an Riaghaltas gairm-shluaghaidh amach: an t-arm do chur aiste chun catha do chur má budh riachtanach san.

sluaghmhar: *a.* líonmhar, daoinmhear, buidheanmhar. Tír árd-shluaghmhar de thír bhig seadh an Bheilg: mórchuid daoine innte dá toirt. Bhreithnigheas i bhfad uaim an namhaid ag gluaiseacht orainn go sluaghmhar: buidheanmhar. Fadó bhíodh póstaidheacha sluaghmhara ag daoinibh, anois ní bhíonn ann ach an fíor-bheagán: bhailigheadh buidheanta tímcheall ortha.

sluaighteach: *a.* móir-líonmhar. Níl arm sluaighteach againn mar tír bheag seadh sinn: mór. Ní oileáin shluaighteacha iad: gan mórán daoine ionta.

sluaisteáil: *b.3.* obair shluaiste; ag obair lé sluasaid. Tá airgead lé sluaisteáil aige: tá a leór-dhóthain de aige. Is mar a chéile dhom bheith ag gabháil de nó bheith ag sluaisteáil na mara: gan aon dul ar é do dhéanamh. Táid ag sluaisteáil airgid ar an iasc an aimsir seo: ag déanamh mórán de air.

sluaisteálaim: *b.a.* oibrighim lé sluasaid. Sluaisteáil an ghainimh sin as an slighe. Shluaisteáil sé mórán guail 'on teine: chaith lé sluasaid.

sluaisteálaidhe: (**sluaisteóir**) *f.4.* duine a oibrigheas lé sluasaid. Sluaisteálaidhe slachtmhar.

sluasad: *b.2.* (*-uaiste*) (lán sluaiste) (*iol.* sluaiste agus sluasaidhe) úirlis go slios-leathan claon cabhach uirthe agus faobhar maol i gcóir cré, guail, gainimhe, grin, etc., ladar nó liach. Caith sluasad ghainimhe (lán sluaiste) ar an áit: oiread gainimhe is iomcharóchadh sí. Sluasad ghríosaighe .i. i gcóir na teineadh. Caitheadh trí sluaiste an bháis air: na chead shluaiste ar an gcómhrainn. An cnámh sluaiste: an cnámh gabháil. Níor chuir lán sluaiste de chré as: fíor-bheagán.

sluch: *b.2.* puilín; fáinne iarainn ceangailte ar chleith an tseóil a ghluaiseas síos suas ar an gcrann.

slupar: *f.1.* Nách agat atá an slupar-shlapar sa lathaigh: útamáil. Ná bíodh aon tslupar tslapar agat leis an ngnóth san déin i gceart é: útamáil. Cad é an slupar slapar atá agat san uisce?: méiseáil. Tá slupar slapar déanta agat de: é laitithe agat ar fad.

sluparnach: *b.2.* útamáil, gíotáil aindeis. Ná bí ag sluparnaigh leis, ach déin é nó fág id dhiaidh é: gíotáil aindeis. Nách í bean na sluparnaighe í, teimheal is salachar ar an uile rud ina diaidh: na neamhghastachta. Sluparnach oibre: gíotáil gan mhaith.

smachaile: *f.4.* aon rud teann, láidir. An smachaile cinn atá air, budh mhar a chéile dhuit bheith ag gabháil ar chloich nó air: ceann fuilngtheach. Smachaile fir a thabharfadh seasamh uaidh ar aon rud go gcuirfí chuige é: fear fuilngtheach, scafánta. Smachaile tairbh: tarbh teann láidir. Smachailidhe leanbh: teanna: láidre.

smacht: *f.3.* cómhacht, úghdarás chun treóruighthe nó stiúrtha, cosc, riar, réim; oileamhaint, oideas, riaghalughadh. "Ní bhíonn an rath ach mar a mbíonn an smacht": an oileamhaint agus an tabhairt suas: riaghalughadh ceart. Is fearr smacht 'ná biadh: ní mórán maith cothughadh thabhairt don óige muna gcoimeádtar fé riar gan rudaidhe do dhéanamh as an slighe. Cuir smacht ar do chlainn agus ná bídís tighearnamhail, droch-labhartha: bíodh cómhacht agat ortha go gcoiscir iad ar bheith mí-bhéasach, neamh-ómósach. Níor cuireadh smacht in am air, dá gcuirfí ní bheadh sé ina ghadaidhe indiu: dá gcoimeádtí fé riar é agus duaidhnéis do chur air nuair dhéanfadh sé mí-cheart. Tá smacht orm-sa: ní fuláir dom gan rudaidhe áirighthe do dhéanamh: déanamh dréir riaghalacha áirighthe nó mar is meón le daoinibh eile. Cé go raibh fonn orm dul ar meisce chuireas smacht orm féin: choisceas me féin ar an gcathughadh. Nuair bhíos fearg ag teacht ort cuir smacht ort féin: coisc í. Is fadó imthighthe ó smacht a mhuinntire é: ó n-a riar is riaghalughadh. Táim fé smacht ag mo mhnaoi: ní leigfeadh eagla dhom aon rud do dhéanamh ná taithneóchadh léi. Tíortha a bhí fé smacht lé fada táid ag éirghe in aghaidh a dtíoránach: fé bhroid. D'imthigh an gluaisteán óm smacht lé fánaidh síos: óm chómhacht: ní fhéadfainn í do chosc agus mo dhícheall do dhéanamh. Leig don gcailín, bíodh smacht agat ort féin: srianuigh do mhianta ina taobh. Is maith atá a fhios ag gach máthair connus smacht do chur ar leanbh iasachta: connus lochtaidhe leanbh cómharsan do cheartughadh lé duaidhnéis do chur ortha. Is fada go raibh smacht athar ná máthar air: a gcomhacht chun oileamhna cirte do thabhairt do agus a dhíriughadh ar bhealach a leasa. Bhíomair tamall maith fé ghall-smacht: broid iasachta. Nách mór an gall-smacht atá orm go gcaithim oibriughadh Domhnach is Dálach: an t-iachall. Caithfead fanacht sa bhaile, táim fé dhaor-smacht mo mháighistir: is é a thoil é, is ní fuláir dom a déanamh. Éirghe agus luighe mar déarfar liom nách é an daor-smacht ar pheacach é?: cómhacht dhian go gcaithfear gabháil tríd. Cuirfidh t'athair dian-smacht ort-sa ná déanfair a leithéid sin de rud go ró-luath airís: díolfair as leis. Bhí an oiread san dlúth-smachta orainn seal ná féadfaimís capall dob fhiú breis agus chúig phúint do bheith in ár seilbh: fé chois chómh cruaidh dian san. B'éigean dom gan corruighe as an áit go rabhas ar feadh chúig mbliadhan, nách dóigh leat ná go raibh dubh-smacht orm: cómhacht os mo chionn ghom choimeád fé.

smachtaidhe: *f.4.* riarthóir, riaghalthóir dian, úghdarásach. Smachtaidhe mná os a chionn ná tugann mórán de chead a chos do: a imreas a toil air. Ní bheidh an oiread dá thoil féin anois san arm aige, beidh smachtaidhthe air ann: daoine go gcaithfidh dul dréir a n-órduighthe.

smachtughadh: *f.* (*-uighthe*) do riar, do choimeád fé chómhacht, shlait; ceartughadh, claoidheadh. Mara ndéantar an duine fiadhain sin do smachtughadh, gheóbhaidh sé lastuas den ndúthaigh: do mhaolughadh lé neart: é do chosc ar an bhfuadar atá fé. "Do bhrigh ár mbeith ceangailte go minic de lé geimhlibh agus lé slabhraidhibh, go mbriseadh sé na slabhraidhe agus go mionbhrúigheadh sé na geimhleacha; agus níor bh'fhéidir lé neach ar bith a smachtughadh": a chlaoidheachtaint: a mhíniughadh: an neart is an mianach a bhí ann do chur fé réir. Tá smachtughadh mór ar an bpian ag an gceiridhe: maolughadh: a neart laguighthe. Déanfaidh cruadh-obair smachtughadh ar an gcapall cuthaigh: bainfidh sé smut den bhfiadhantas as. Slat é seo chun do smachtuighthe: chun

duaidhnéise do chur i gcúitimh mí-riaghaltachta. Tá smachtughadh an tsaoghail is na haimsire air: tá claoidhte aca: bhaineadar an réim de. An obair an cailín do chun a smachtuighthe: do mhaolughadh i bhfuadar is in iomchar. I rith na seachtmhaine seo caithte deineadh smachtughadh mór ar ár namhaid: cuireadh cathanna ortha. Ní haon mhaith bheith ghá smachtughadh, sé an teallaire céadna ambáireach airís é: bheith ag cur duaidhnéis chuirp air: é choimeád fé réir. Chuaidh smachtughadh mór ar an lá ó mhaidean: laguigh an t-anfa a bhí ann.

smachtuighim: *b.a.* mínighim, claoidhim, ceartuighim, riaraim lé neart, coimeádaim fé réir, riaghaluighim. Ní smachtófar san arm féin é, tá sé chómh fiadhain sin: ní beifear ábalta ar é do choimeád fé riar. Siúd é áit a smachtóchaidh é: a mhíneochaidh, a choimeádfaidh fé riar é: a bhainfidh pé fuadar, réim, ná mí-iomchar atá fé dhe. Dá fhaid bhí Sasana d'iarraidh sinn do smachtughadh níor smachtuigh sí sinn: do bhí sé d'iarraidh sinn do thabhairt dá réir níor éirigh léi. Féach an dubhán san, níl aon iasc a raghadh air ná go smachtóchadh sé: ná go gcoimeádfadh is go míneóchadh. "Féach, is beannuighthe an té smachtuigheas Dia; uime sin ná tarcuisnigh-si smachtughadh an uile chómhachtaigh" (Iób V. 17): go gcuireann Sé pian nó duaidhnéis air d'fhonn a cheartuighthe is a leasuighthe. "Smachtuigh do mhac an fad bhias dóigh as, agus ná coigleadh t'anam é chum a mhillte" (Seanráidhte XIX. 18): coimeád riar air: má dhéineann rud as an slighe, tugadh sé cúiteamh duit ann. Mara smachtuigheann an bhéalbhach láidir sin an bramach éirightear as, ní hionnramhófar choidhche é: mara gcoisceann é ar a chuid fiadhantais do chur in iúil. Smachtuigheann gach éinne an bhean mhíneáireach ach aon té go mbíonn sí aige: bíonn gach éinne go maith ar a bhéal. Tá an tír ag éirghe ró-láidir, ní smachtóchadh an saoghal mór anois lé n-ár linn-ne í: ní choiscfeadh í ar leanamhaint den bhfuadar atá fúithe anois. B'áidhbhéil an neart a bhí ann, ní smachtóchadh aon rud é dá bhfaigheadh sé a dhóthain lé n-itheadh: ní bheadh faic ró-láidir do.

smachtuighthe: *a.r.* ceartuighthe, maoluighthe, claoidhte, curtha fé riar. Níl aon phreab as, is budh mhór an truagh é, tá sé smachtuighthe: claoidhte, mínighthe trí dhuaidhnéis nó taithighe dhochraideach an tsaoghail. Sara mbeam scartha leis, dá mhéid an réim is an t-éirghe anáirde atá fé, beidh sé chómh smachtuighthe sin againn go mbeidh sé chómh ciúin lé cat: claoidhte: maoluighthe, an fuadar bainte dhe. Agus é ina gharsún, fiú bhí sé do-smachtuighthe, ag baile ná ar scoil níor bh'fhéidir aon lámh do dhéanamh air: níor bh'fhéidir é do choimeád gan a thoil féin do dhéanamh pé díoghbháil ná dochar do dhuine eile é. Na tíortha go léir go bhfuil gabhtha tríotha aca, táid smachtuighthe aca anois: iad curtha fé 'n-a n-órdughadh is a riar. Sin cárta atá smachtuighthe: buaidhte air. Smachtuighthe ag an saoghal is ag an aimsir, sin mar táim: mínighthe.

smachtuightheóir: *f.3.* riarthóir, riaghaluightheóir, ceartuightheóir, coisceóir. Mise an smachtuightheóir do san: atá ábalta ar é do choimeád fé riar: ná leigeann do a rogha rud do dhéanamh. Mara mbeadh an smachtuightheóir atá orm-sa, an tsean-chos bhacach so, shiubhlóchainn libh: coisceóir. Beidh smachtuightheóiridhe san arm air: dream go gcaithfidh sé a n-órduighthe do chóimhlíonadh. Cá bhfuil an smachtuightheóir is fearr ná an tslat?

smagaide: *f.4.* duine tuathalach, duine gan puinn maitheasa. Dá mbudh me thu ní labharfainn leis an smagaide, ní fheaca riamh ina fhear é ar aonach ná ar mhargadh: duine gan speach. Thógfadh an smagaide a bhfaghadh sé is ní scarfadh lé dada: rud sprionnlaithe. An smagaide níl sé de mhisneach aige do pháirt do thógaint: rud gan anam.

smaichtín: *f.4.* bata gearra, teann; máilead; duine nó ainmhidhe go mbíonn cuma theann, neamheaglach air. Sínfead an smaichtín seo leat mara gceapair do shuaimhneas: an bata taithigeach so. An chuma dhaibhceach atá air, nách é an smaichtín é?: duine nár bh'fhuraiste do chur i ndiaidh a chúil. Smaichtín garsúna .i. go n-aithneófá ar a cheannaghthaibh go n-ionsóchadh sé aon rud go neamh-eaglach. An smaichtín crón: saghas tobac a bhíodh ann fadó: ainm fuinn.

smailc: *b.2.* driuch gruamdha, do-thigheasach. Ná cuireadh sé aon smailc ort an fhírinne d'innsint duit: mío-ghnaoi. Chuir rud éigin smailc air, ní fheadar cad a chuir as do?: cuma mhío-chuibheasach agus mío-ghnaoi. Ní deacair smailc do chur air. Bíonn smailc éigin do shíor air: cuma mío-thaithneamhach, ghruamdha. Imtheóchaidh an smailc de nuair gheóbhaidh sé a dhóthain lé n-itheadh: cuma mhío-shásta.

smáilc: *b.2.* teimheal, ball, mío-bhlas. Chuir rud éigin smáilc ar an ím, níl sé ró-bhlasta lé n-itheadh: blas cabhruighthe. "Má tá fuigheall faoisdine, dearmhad aifrinn, briseadh lae shaoire ná Domhnaigh ná aon smáilc de smáilcibh dubha an tsaoghail seo ortha, Dia, Muire, Mícheál agus Cúirt Naomhtha na bhFlaitheas go dtugaidh fuarthan agus fuascailt shíorraidhe dos na hanamachaibh a chuaidh rómhainn": aon teimheal beag: easbhaidh cúitimh. Duine saonta lé Dia é sin níl smáilc fén speir air: peaca dá luighead. Aon smáilc ní bhfaghaim-se ar do chuideachtain: aon locht.

smáilceach: *a.* gruamdha, daibhceach, coimhtheach, duaismeánta. Nách smáilceach ataoi i dtaobh sataltha ort gan leigheas air, budh dhóigh lé duine gur goirtighthe do bheifeá: mío-ghnaoidheach, neamh-chneasta. Beidh sé smáilceach is dócha chun sinn do leigeant isteach toisc é do bheith tar éis trátha: ní bheidh sé lághach ná cneasta. Bíodh aon rud bun os cionn leis is bíonn sé árd-smáilceach, ní mór go bhféadfá féachaint cam air: doithigheasta: neamhshubháilceach.

smailceach: *f.1.* duine gruamdha, doithigheasta, daibhceach. Smailceach ná faghfá gáire ná focal subháilceach uaidh i rith a mharthan: duine gan muinnteardhas gan cneastacht. Ná bíodh súil agat lé haon rud ar iasacht ón smailceach san: cuma air ná bíonn buige ná báidh ag baint leis.

smáilceach: *a.* teimhealta, cabhruighthe, mío-bhlasta. Tá boladh smáilceach ón iasc san: boladh bréan. Sid é an t-ím ná fuil smáilceach go n-íosfá do leór-dhóthain de: ná fuil an blas cabhruighthe air. Ní bhfaghaim-se aonnidh smáilceach ag baint leis, go seachnóchainn é: aon rud go mbeadh col agat leis. M'anam bocht, smáilceach is é an truagh é an lá déidheannach: go bhfuil teimheal na bpeacaidhe air.

smailcín: *f.4.* blúirín, buille beag. Ní mór an smacht a chuirfidh an smailcín úd air, ní ghoirteóchadh sé cuil: buille beag, éadtrom. Má leanann an gannchar air, beam go léir ar an smailcín aráin: mír bheag. Dá bhfaghthá smailcín baise níor bh'aon díoghbháil duit é.

smailín: *f.4.* geannc, bloicín. Caith chugham smailín tobac: geannc bheag. Smailínidhe adhmaid dhá bhailiughadh chun teineadh: geanncanna beaga.

smál: *f.1.* cómhartha, rian, teimheal, scamall, doircheacht, aithis, easonóir. An bhfuil sé i gceart ina inchinn? tá smál éigin, déarfainn: rud éigin bun ós cionn. Níl smál sa tsaoghal ar an gcailín, tá diongbháil aon fhir innte: locht, teimheal, aineamh. A Mhuire gan smál: a tháinig ar an saoghal gan peaca an tsínsir: atá gan locht gan peaca. Óm uillinn go righe deas tá smál: rian dóighte. Ar chorp ná ar inchinn níl smál aige: pioc mí-cheart. Ná fág oiread agus smál ar aon phioc den dtigh, bíodh sé go glan, feistighthe: blúire beag teimhil. Tá an t-adhmad san ann leis na céadtaibh is gan aon smál air: dreóigheacht. Ná bíodh aon mhairg ort má theipeann ar do dhícheall ní haon smál ar do cháil é: aon aithis: rian náire. Tháinig sí i smál na hoidhche: fé scamall, dhoircheacht na hodhche. Níl smál den aicíd ná go bhfuil scriosta as an áit: rian: iarsma.

smaladh: *f.* (*-lta*) dreóghachaint, seargadh, feódhachaint, aitis. Tháinig an smaladh ar na gasaibh: d'fheódhadar. Tar éis tamaill mhóir chrom an crann ar smaladh, as san amach ní tháinig aon duilleabhar air: ar dhreóghachtaint: dul chun deiridh. Ní fhágann do chúiseamh-sa aon smaladh ar m'ainm, níl faic im choinnibh: aon aithis.

smalaire: *f.4.* duine neamh-gheanamhail, mío-thaithneamhach. Ní bhíonn éileamh ar an smalaire in aon chuideachtain, níl aon mheón aige: duine doilbh.

smalcadh: *f.* (*-ctha*) alpadh, craos, slogadh, bualadh, tuargaint. Na cómhachta cogaidh ag smalcadh a chéile gan sos gan trochadh ar muir, ar tír agus ins an aer: ag leadradh. Is aige atá an goile is mó dá bhfeaca ag éinne riamh, chaithfeadh sé an lá ag smalcadh: ag alpadh: ag itheadh is airc air chuige.

smalcaim: *b.a.* alpaim, slogaim; smísteálaim, leadraim. Smalcann sé an uile ghreim, budh dhóigh leat ná faghadh sé a dhóthain choidhche: alpann: slogadh lé craos. Smalc sé treasna an bhéil me lé n-a dhorn: bhuail. Smalcfaidh sé an t-anam asat má fhéadann sé, as an bhfeirg atá ort leis: stiallálfaidh sé thu.

smalcaire: *f.4.* buailteóir, dóirneálaidhe, duine teann, téagartha, láidir. Smalcaire d'fhear mhaith go bhfuil deallramh an nirt air: fear fuinnte. Níl aon bheann ag an smalcaire sin ar aon rud a chuirfeá ar a dhrom: duine go bhfuil de chuma air go bhfuil fulang ann. Smalcaire garsúin: teann, téagartha, fuilngtheach.

smalóg: (**smeallóg**) *b.2.* méar is órdóg do luighe go cruaidh ar a chéile is do scaoileadh go hobann; an glór a ghní so. "An méid sin tuir (agus ghní sé glór na méar mar siúd) níl agam ort" ar seisean: snapadh méar.

smaoineadh: (**smaoineamh**) *f.* (*-nte*) (*-imh*) (*iol.* –nte) do mhachtnamh, do dhéanamh marbhna, do cheapadh, chuimhneamh, shaoileadh, thaidhbhseamh, ceapadh, teadh. Aon tsmaoineadh ní raibh agam ar an mbás dá ghiorracht do a bhíos: aon chuimhneamh: nior ghaibh sé trí shians na haigne: níor buaileadh im chroidhe ná im aigne. Cad air go bhfuilir ag smaoineadh anois, tá de chuma ort go bhfuil rud éigin ag rith trí t'aigne: ag cuimhneamh. Is minic me ag smaoineadh ar an mbaile: tagann sé agus a mbaineann leis im aigne: ritheann sé trím chuimhneamh. Caith uaim na smalairidhe, ná bí ag bréagadh smaointe ionam: ná bí d'iarraidh iad do mhúscailt im cheann. Déintear smaointe dho: tagann rudaidhe atá imthighthe ina cheann nó meastar do rudaidhe áirighthe do dhéanamh. Suidhim ar chrioslach na mara san uaigneas, ag déanamh mo smaointe: ag cur is ag rith rudaidhe trím cheann. Cuimhnigh, an bhfuil aon smaoineadh agat a fhuasclóchadh ár mbroid?: ceapadh: an bhféadfá beart do chruthnughadh. Caithfead smaoineadh air sara scoruighead cad dhéanfad: leigeant don aigne cómhnaidhe air. Fairír ní bheadh aon smaoineadh agat ar chabhradh lé fear bocht lé linn gábhtair, is dócha: ní dhéanfá in ao'chor. Smaoineadh ar rud éigin do shaorfadh sinn: é do cheapadh. Ní mór é a smaoineadh ar a mhuinntir: ní bhíd ag rith trí n-a aigne – a n-aiste, a sláinte, etc. Ag smaoineadh air féin gach feacht: a mhaith agus a bhail féin amháin a chuireann maist air. Ní thagann aon smaoineadh pósta air (chuige) anois: ní thaidhbhrigheann ar a leithéid. Caith smaoineadh leis sara dtugair fé: machtnuigh connus is fearr chuige agus ar a thoradh. Táimíd ar aon smaoineadh ina thaobh: aontuighimíd. "An dtabharfair dhom é?" – "ní rabhas ag smaoineadh air": ní tháinig sé im cheann a leithéid. Ag smaoineadh a thugann sé a shaoghal: ag taidhbhreamh ar rudaidhibh: go díomhaoin.

smaoinim: (**smaoinighim**) *b.a.* ₇ *n-a.* ceapaim, saoilim, machtnuighim, cuimhnighim. Níor smaoin riamh urchóid do neach – chómh macánta leis an uan: níor tháinig ina aigne do dhéanamh. Smaoinighidh, a dhearbhráithreacha, ar ghlóire Dé, moladh go deó leis: tugaidh bhur n-aigne air: criathruighidh in bhur gceann é: machtnuighidh air. Shín sé amach a lámh chun slaide do dhéanamh, ach smaoinigh sé nár bh'fhearr biadh ná ciall: rith sé chuige: cheap sé. Smaoinigheas go mb'fhéidir go dtiocfá dá luighead deallramh a bhí leis: shaoileas: buaileadh isteach im aigne. Níor smaoinigheadh riamh do dul ar thuairisc a athar, an droch-mhac: ar é do theacht ina aigne féin ní raibh aon leagadh aige leis. Smaoinighim gur maith an fear é: gaibheann san trím cheann nuair thugaim fé ndeara a thréithe agus a ghníomhartha. Smaoinigh ar an áthas a bheadh air dá ngeallfá go bpósfá é: ní mór an machtnamh is gábhadh chun méid a áthas a thuigsint.

smaointeach: *a.* cuimhnteach, machtnuightheach, cúramach. Budh smaointeach uait scríobh chugham ag déanamh cómbáidhe liom ar bhás m'athar: budh chaoin agus budh chneasta. D'fhanfadh sé tamall maith leat chun do chos do thógaint den mbóthar duine smaointeach mar sin seadh é: cúramach: a bheadh ag cuimhneamh ar bhail do dhéanamh. Cad tá ag gabháil trí t'inchinn anois, tá cuma smaointeach ort: deallramh go bhfuil rud éigin ag dul trí chéile it aigne. Ná déin aon rud de thapaidhean ar eagla do mhasluighthe, bí smaointeach: cuimhnigh ar gach gné den rud go bhfuilir ag tabhairt fé.

smaointeóir: *f.3.* machtnuightheóir; feallsamhan. Smaointeóiridhe ár saoirse: iad so a bhíos ag cuimhneamh 'sag ceapadh connus ár dtír do shaoradh. Ceapadóiridhe, scríobhnóiridhe, filidhe ár smaointeóiridhe.

smaointeóireacht: aiste bheith ag smaoineamh, ag machtnamh, ag déanamh marbhna. Im suidhe annsúd dom os chionn na mara anáirde ag smaointeóireacht ar a diamhaireacht: go doimhin i machtnamh. Ag smaointeóireacht cois teineadh ar an saoghal atá caithte aice: i mbruadar: é ag gabháil trí n-a haigne. Cuir uait an smaointeóireacht, déin gníomh: machtnamh.

smeach: *b.2.* buille beag éadtrom, speach, snapadh méar. Thug an bhó smeach dá hearball dom: buille. Ní thabharfadh sé smeach dá mhéir ar do leithéid chun ruda do dhéanamh: faic in ao'chor. Deirim leat ná fuil aon deagh-chrot air, go bhfuil sé ar an smeich dheireannaigh: ná fuil ann ach an déith. D'imthigh an smeach ar fad asat, budh lúthmhar an fear tamall thu: an speach: an phreab. D'imthigh sé mar smeach do mhéire: faid is bheifeá ag snapadh t'órdóige ar do mhéir. Tabhair smeach phóige dhi: póg éadtrom. An bhfuil aon smeach id phíp: aon ghal in ao'chor.

smeachaid(e): *b.4.* ádhbhairín beag teineadh, smól, spréach; rud neamhthoirteamhail. Cuir smeachaid(e) ar an bpíp: tabhair teine dhi. Raghaidh an teine in éag, ní mór na smeachaididhe innte anois: spréacha dearga. As mo radharc thu, a smeachaid(e)! ní bheinn ag tabhairt bídh dod leithéid: duine beag gan mhaith.

smeachadh: *f.* (*-chta*) glór bog, obann do bhlas ruda nó do phógadh, bualadh, gríosadh. Ní hamhlaidh bheifeá ghom smeachadh chun a bhuailte: ghom ghríosadh. Mar a chéile leis tu bheith ag gabháil air nó bheith ghá smeachadh le sop: ghá bhualadh go héadtrom. Nuair bhíonn an braon thiar aige cromann sé ar gach éinne ina thímcheall do smeachadh: do bhualadh: do liúdráil.

smeacháinín: *f.4.* braon beag beathuisce. Ní rabhamair glas in ao'chor fo-smeacháinín den bhfear cruaidh bheith againn i rith an lae: braonaidheacha beathuisce.

smeachán: *f.1.* braon beathuisce, blaiseadh. D'ólfadh sé a smeachán chómh maith lé duine: a bhraon: bheadh ag ól a bhraoin gan a rian air.

smeachóid: *b.2.* spréach theineadh, ádhbhairín teineadh. Bailigh na smeachóididhe ar a chéile, déanfaid brúid díobh is déanfaid teine: sméaróidínidhe.

smeadhamh: (**smeathamh**) *f.1.* corruighe, puth. Níl smeadhamh im phíp: tá sí múchta. Ar an maidin is breághtha dár éirigh duine amach riamh, ní raibh smeadhamh san aer: aon chorruighe gaoithe. Níor fágadar smeadhamh ann ó bheith ag gabháil air: déith: corruighe: leath-mharbhadar é.

smeadar: *f.1.* abláil, méiseáil, plobar, prabhait, truflais, teimhealughadh. Tá an scéal ina smeadar agaibh, cad dhéanfaidh sibh anois?: abláil déanta air. Do chosa is do lámha ina smeadar ag an salachar: teimheal curtha ortha. Tá an lá ina smeadar orainn: báisteach tagtha: tá sé sailighthe. Smeadar ar an aer ar maidin: scamaill: ceódhmharán.

sméadar: *f.1.* buille trom; straiméad, stiall. Dá mbeadh sméadar fachta sa choinncín aige b'fheárrdide é: pleannc theann. Gach aon sméadar aige ar an asal bocht: straiméad: haighinse.

smeadaráil: *b.3.* bualadh, smearadh, ádhbhairín, eólas beag. Tá smeadaráil ar do hata, faigh scuab is glan é: smúit, adhbhar salachair. D'éirigh smeadaráil ghaoithe agus bhuaileamair ár mbád fé sheól: siolla. Nílir ag déanamh go holc in ao'chor, tá smeadaráil mhaith Ghaedhealainge agat dá ghiorracht ó thosnuighis: salachráil: eolas nách dona in ao'chor. Bídís ag smeadaráil a chéile, ní thiocfad-sa eatartha, nár chualaís ná deaghaidh fear na teasardhan riamh as: bídís ag gabháil stealla ar a chéile.

smeagairle: (**smagairle**) *f.4.* duine gur gnáthach múisiúm air, duine tuathalach. Ná bí id smeagairle annsan ar do shluasaid: ag tuiteam ded chodladh nách mór. Ná cuir-se do cheann in ao'chor ann, a smeagairle, ní bhaineann an cúrsa leat: duine tuathalach neamh-mhúinte.

smeailc: *b.2.* taimilt, luid. Duine gan smeailc (chéille) dhéanfadh a leithéid de rud gan deallramh: gan pioc. Níor fhan smeailc aige nuair fuair sé a sparán imthighthe: luid chéille.

sméar: *b.2.* caor, spréach(a), ball, teimheal, smál, togha ruda. "Níl sméara dubha ná áirne na leacain 'na ngáirdín": caora sceach. Sméara ciaráin: mogaill aibeamhla, mhóra. Ní lugha sméar sa bhfóghmhar aige 'ná deoch do thabhairt don dtigh: airgead ina fhlúirse aige mar bhíonn sméara sa bhfóghmhar: ní mhothóchadh sé an costas air. Tá an oiread lúib istigh agat ann is dá mbudh sméara i bhfaoilleach a bheadh agat: rud annamh, neamh-choithcheann. Is amplamhail an duine é, bíonn an sméar mhullaigh uaidh choidhche: togha agus rogha. Sméara dearga: nuair bhíd ag fás. Seile na bpúcaidhe ar na sméaraibh: drúichtín mór geal tar éis na hoidhche. Glan do lámha tá sméar ortha: teimheal salachair. Ní raibh aon sméar ar an dteinteán tar éis na hoidhche: aon spréach dhearg.

sméarach: *a.* dubh-chaorach. Gleann sceachach, sméarach: lán díobh.

smearach: *a.* salach, clúduighthe, teimhealuighthe lé ballaibh shalacha; bheith de chlódh air bheith ag teangbháil lé rud éigin gréiseach. Plánaidhe na bhfuinneóg chómh smearach tar éis an ghála is na báistighe: lán de smúit is de shalachar. A lámha smearacha, ní leigfinn do iad do theangbháil liom: salacha, mar bheidís teimhealuighthe ag salachar righin éigin. Cuireadh abhaile ó scoil é chun é féin do ghlanadh leis an aghaidh smearach a bhí air: teimhealuighthe: lán de chan. Táir chómh smearach sa ghníomh lé duine: lámh agat ann.

smearachán: *f.1.* duine go mbeadh ceannaghtha shalach aige; tarradh, aol, gaiste, etc., dá chur fé aonnidh; salachar. Is daor an bosca sméaracháin bróg é sin: fola chun snas do chur ortha. Dá mbeadh smearachán fén nadhbhóig ní bheadh sí ag tarrac (uisce): tarradh cuimilte fúithe. Tá smearachán fola ort mar ar thuitis sa tor sceach: fuil mar cuimleófaí í. Ambáireach bead ag smearachán i gcóir na Nodlag: ag gealadh na bhfallaidhe lé haol. Tá

smearachán ag teacht sa spéir laistiar: tá scamaill bháistighe ag bailiughadh ann. Rácáltar an talamh, tá smearachán féir air: léasacha féir thar éis a mbainte.

smearadh: *f.1. 7 3.* gréis, salachar, saill nó geir ainmhidhe leachta a bhíos in áis chun sásraidh do shleamhnughadh; do chur gréise ar; íle dóibe, etc. Smearadh cairte: an ghréis bhog righin do cuirtear fen gcrann iomchair. Glan do leaca, tá smearadh uirthe: teimheal salachair. Smearadh bróg: fola a chuireas gléas sa leathar. Ní bhfaghair smearadh do phuis de so: aon rian de. Níl smearadh na mbróg aige: an oiread agus díolfadh as a nglanadh, agus gléas do chur ionta. B'fheárr liom dul ag smearadh bróg ar thaobh sráide 'ná bruic leat a thuilleadh: é do tharrac mar chéird chugham. Ná bí ghod smearadh féin leis an mbainne: ag leigeant do tuiteam ina bhallaibh ort. Mo chómhairle dhuit fanamhaint ós na daoinibh sin is gan bheith ghod smearadh féin leó: ghod shailiughadh: ag tabhairt droch-cháile dhuit féin trí choidreamh leó. Táir ag smearaidh fén scórnaigh: ag ól dighe (mearbhaill) a réidhtigheas go maith leat. Ná bí d'iarraidh aon smearaidh do chur fúm ní bhfaghair uaim an aiste atá uait: bheith ag bladar liom. Beidh smearadh ort-sa aige siúd mara bhfanair ciúin, socair: fuil! Dá mbeadh aon tsaghas smearaidh lé cur thíos fén bhfeóil ar an bhfriochtán ná ceanglóchadh sí dhe: gréis, saille, geire, blonoige. Dá mbeadh smearadh éigin, blonog ghé nó a leithéid, fén láimh sin, b'fhéidir go n-imtheóchadh an t-at aiste: aon tsaghas gréise a bhogfadh í. Ag obair mar a bhfuil íle, táim lán de smearadh: teimheal salach. Cár thuitis go bhfuil smearadh an bhóthair ort?: salachar, draoib. Nuair bhí an smearadh fé b'fhuraiste é do chur ag cainnt: é bogtha cuibheasach maith ag an ndigh mhearbhaill.

smearaim: *b.a.* cuirim smearadh, teimheal, gaiste, tarradh, etc., fé, dóibin. Smearadar go maith a chéile: chuireadar fuil ar a chéile. Smearfaidh an lá, sé cuma atá air é: tiocfaidh fliuchán. Cuir uait an madra san nó smearfaidh sé do chuid éadaigh lé n-a lapaidhibh: saileóchaidh. Cad smear an falla?: a chuir mar bheadh stríocaidhe nó síogaidhe salacha air. Smear an crann iomchair, tá gíoscán aige: cuir smearadh nó gréis fé chun a shleamhnuighthe. Fear ró-mhór ann féin é sin, ní smearfadh sé é féin lé hobair: ní shaileóchadh. Ní smearfainn mo ghéaga leis an dtruaghán: níor bh'fhiú liom a chuid fola do bheith orm ghom theimhealughadh. Smear do bhróga is cuir clódh éigin ort féin ameasc na ndaoine: cuir fola fútha a chuirfidh gléas ionta. Ná smearaidh mise in bhur gcuid achrainn, duine ceanamhail ar an síothcháin me: ná tairngidh ann me.

sméaramhán: *f.1.* dlúimh dubh trom. Ní mheabhróchadh éinne, dá fheabhas a chuid eólais, anocht tá an oidhche ina sméaramhán: chómh dorcha lé tóin an phúca, le pic. Cad as go dtáinig na sméaramháin sin, do dhearbhóchainn duit go bhfuil néall dhubh ionta: daoine crón-dhubh.

sméaróid: *b.2.* spréach dhearg, smúróg, smól. Ní raibh sméaróid theineadh sa tigh ná greim bídh: aon cháithne beag dearg amháin. Chuaidh an simné trí theine, chidhfeá sméaróididhe dearga anáirde san aer. Cuir sméaróid ar do phíp is bíodh do ghal agat: spréach bheag. Níor múchadh sméaróid na tírghrádha riamh ina gcroidhthibh: an teine.

smeartha: *a.r.* teimhealuighthe, dóibte, coirtighthe, gréisighthe, íle curtha fé, can ar rud; salach. Tá an tráthnóna smeartha: gan an spéir glan, is báisteach. Níor bh'fhéidir an

ghealach d'fheicsint, bhí an spéir ró-smeartha: an iomad scamall uirthi. Faigh galbhúnach is uisce is nigh t'aghaidh, tá sí smeartha barcach: tá sí mar cuimleófaí salachar di. A rud smeartha fan siar uaim, tá an ghráin mhairbh agam ort: rud suarach. Maidir lé achmhusáin is íde bhéil táid smeartha go maith gen-a chéile: rudaidhe neamh-thaithneamhacha casta aca lé chéile. "Má táim bacach féin", ars an figheadóir, "nílim buidhe ná smeartha": salach, aon néal dhubh ionam: barcach. Ní bheadh a fhios agat cé bheadh smeartha go raghfaí amach air: rian na cortha air. Ubh smeartha bhíonn ag an éan gcéadna san: síogaidhe nó baill ann: gan é d'aon dath. Níl aon bhaoghal ná go bhfuil do chuid aráin smeartha go maith agat lé hím: ím go leór curtha fé. Meas smeartha atá agam air: suarach: íseal. Ní fhéadfadh san a bhéal oscailte ach go háirighthe, tá a ainm smeartha go maith: teimhealuighthe: rudaidhe curtha ina leith ná fuil ró-thaithneamhach.

smearthachán: *f.1.* duine a bhíos smeartha, go mbíonn teimheal air féin agus ar a chuid éadaigh. Ní smearthachán mar thusa a raghadh i láthair aon duine uasail, an eadh?: duine a bheadh salach ina chorp is can ar a chuid éadaigh.

smearthacht: *b.3.* aiste bheith smeartha, teimheal nó can do bheith ar, aiste "salach" na spéarach. Ní leigfead náire don leanbh dul ar scoil le smearthacht a aghtha: an teimheal nó can a bhí uirthe: aghaidh shalach. Aon árus níl sa tigh ná go bhfuil smearthacht air: salachar. Tá an cupa san glan a dhóthain chun ólta as, níl aon smearthacht air: can: rian salach. Dá mbeadh aon smearthacht sa bhfeóil go dtúmfadh duine bocht a phráta ann: sughlach saille nó gréise. Chuir smearthacht an tráthnóna eagla orm: níor mhaith liom tabhairt fén mbóthar ró-fhada ó bhaile: fliuchán. An dtugair fé ndeara smearthacht ina gné?: coirthightheacht, dath na coirte.

smeathaire: (**smithire**) *f.4.* duine beag, suarach; duine nó ainmhidhe truaillighthe. Cad é an mhaith dho smeathaire mar thusa tabhairt fé ualach trom mar é sin d'iomchar: duine ná fuil clódh achruinneach air. Éist, a smeathaire, cé thabharfadh cluas d'aon rud uait-se?: duine nách fiú mórán é. Ní fheicfeadh an smeathaire a chroidhe dá mbeadh sé ar a bhais aige: rud caol-chroidheach, sprionnlaithe. Smeathaire éisc: ceann beag. Smeathairidhe gamhna, ní mór ná go séidfeá anuas as do shróin iad: suaracha: gan aon toirt ionta.

sméideach: *a.* do dhéanamh cómhartha leis an láimh an gceann nó an súil; claonadh cinn, súl ná láimhe. Ná raibh a fhios agat gur chómhartha smeideach uaim duit mo chriosúir d'árdach: gur theastuigh uaim aghaidh do chaoraidheachta, t'aire nó do shuim do tharrac. Níor mhaith lé n-a hathair an tsúil smeideach a bhí aice ort: í bheith ag luighe nó ag crapadh a súl ag cur ruda éigin in aithne dhuit: meallaireacht.

sméideadh: *f.* (*-dte*) do luighe nó chrapadh súl; claonadh cinn in aontadh, beannughadh nó cómhartha fógartha nó deiscréideach. Dheineas sméideadh air teacht chugham ach ní thiocfadh: cómhartha lém mhéir, láimh, cheann do bhagairt air. Dheineas sméideadh air fanacht as an gconntabhairt acht níor thug sé aon tor orm: d'fhógras air lém ghéagaibh, nó ar shlighe éigin eile, a thug sé. Gheamharfadh sé chughat gan puinn cúise ní mór go bhféadfá sméideadh air: oiread agus do mhéar do thógaint. Cad thárlaidh do chois an gharsúna san go bhfuil sméideadh bhacaighe ann?: leath-tharrac nuair bhíonn sé ag siubhal. Tá an bás ag sméideadh air: é do chuma go bhfuil sé in an-ghiorracht do. Is

umhal a bítí fé smacht aca nár ghábhadh dhóibh ach sméideadh nuair bítí ag rith chúcha lé hómós dóibh: an lámh do thógaint i gcómhartha. Lé sméideadh méar aithnigheann na balbháin cad bhíonn uatha do chur in iúil dá chéile. D'aithnigheas ná raibh aon deaghfhuadar fútha nuair chonnac ag cogar 'sag sméideadh iad: ag labhair ós íseal is ag déanamh cómharthaidhe deiscréideacha cad a bhíonn dhá chur in iúil aca dá chéile: gluaiseachtaidhe. Téighir 'on leabaidh, táir ag sméideadh ar chodladh: do shúile ag dúnadh ort is do cheann ag cromadh dot aindeóin. I sméideadh na súl do thárlaidh an chinneamhaint: de phreib: gan aon choinne. Níor bh'aon mhaith dhom bheith ag sméideadh ná ag éigheamh air ní thiocfadh sé chugham: ag déanamh cómharthaidhthe ná ag glaodhach.

sméidearnach: *b.2.* "grúntáil" chodlata, claonadh tapaidh cinn in aontadh, beannughadh, ná sámhán codlata. Tháinig sméidearnach codlata orm agus níor thugas fé ndeara i gceart cad bhí tárlachtaint im thímcheall: míogarnach.

sméidim: *b.a. & n-a.* crapaim, claonaim súil, feacaim mo cheann i gcómhartha nó bagraim mo lámh nó mhéar. Faid mhairfir airís ná sméid orm: ná leig ort go bhfeicfir me. Sméid sé a shúil orm leanamhaint orm: chrap sé a shúil i gcómhartha a thuigeas. Sméideas mo mhéar air teacht chugham: dheineas cómhartha lé gluaiseacht scuabach isteach i dtreó mo chuirp. Sméideadh orm fanacht ó scéimh na faille mara mbeadh san bheinn thíos: deineadh cómhartha dhom a thuigeas. Fiú amháin níor chuir sé oiread suime ionam is gur sméid sé orm gur bheannuigh ar aon tslighe. "Agus ar ndul amach do, níor bh'éidir leis labhairt riú; agus d'aithnigheadar go bhfeacaidh sé taidhbhse san teampall, óir do sméid sé orrtha, agus do fhan sé balbh" (Lúcás I. 22): do dhein sé cómharthaidhthe dóibh d'iarraidh é féin do chur in iúil. Nár sméididh do namhaid ort: nár thógaidh barra méire chughat nó nár thugaidh féachaint ath-umhalta ort.

smeig: *b.2.* gob an chorráin íochtaraigh. "Is é sin smeig atá air siúd", deirtear lé duine ná beadh cneasta, géilleamhail nó so-chroidheach.

smeigeadh: (**smiogadh**) *f.1.* driuch na ceannaghtha a chuireas in iúil subháilceas, áthas, sult, nó sochmacht. Nuair chonnaic an mháthair na leanbhaidhe chómh gleóidhte, béasamhail dhein sí smeigeadh: tháinig deallramh an áthais agus na sástachta ar a haghaidh is ar a súilibh. Nuair chuimhnighim ar na rudaidhibh a dheineadh sé, bhídís chómh greanmhar san, ní fhéadaim gan smeigeadh: gan fáth an gháire do theacht orm. Nuair chualaidh sé an chinneamhaint, ní haon mhairg do chuir air níor dhein ach smeigeadh: leamhgháire do dhéanamh.

sméirín: *b.4.* sméar bheag, ainm peata ar bhuinín dhuibh.

sméire: *f.4.* cladhaire díomhaoin, droch-mhaitheach; meathtach. Gach sméire aca a theich as a dúthaigh lé linn a broide: duine meathta nár bh'fhiú a ainm do luadh. Ní chuimhneóchadh an sméire sin treasna na sráide ar an arán a bheadh ithte aige: duine nár bh'fhiú maith do dhéanamh air. B'fheárr leis an sméire bheith ag brath ar charthanacht ná lá oibre do dhéanamh: rud suarach, díomhaoin.

sméirlic: *b.2.* dath ciardhubh. Tá an oidhche ina sméirlic: "chómh dorcha lé tóin an phúca": dubh, dorcha. Mo shúil ina sméirlic ón mbuille: chómh dubh agus b'fhéidir.

sméirlis: *b.2.* trufais, dríodar. Níl ina chuid cainnte ach sméirlis, ní thabharfainn cluas de: trufais: briolla-bhrealla gan éifeacht.

smiacladh: *f.1.* piocadh, blaistínteacht. Ní bhíonn aon mheisneach bídh aige, chaithfeadh sé an lá ag smiacladh ar nós na luiche: ag piocadh go suarach, mion. An t-asal ag smiacladh leis an bhfeóchadán: ag piocadh go haireach d'eagla a chealgtha. Déin deifir, ná tabhair an lá ag smiacladh: ag itheadh go mall.

smidireacht: *b.3.* sciotghail, sciotaireacht, miongháiridhe. Ná tógtar aon cheann díobh bheith ag smidireacht mar sin, na leanbhaidhe, táid ró-óg chun a mhalairt do thuigsint: ag gáiridhe gan chiall gan leigheas air. Níor leig eagla dhóibh gáire amach ach bheith ag smidireacht fén slighe ait cainnte a bhí aige: tithireacht: gáiridhe a bhíodar d'iarraidh do bhrughadh fútha.

smidirín: *f.4.* blodh, blúire beag, ciota fogha. Déineadh smidirínidhe den bpláta ar an dtalamh cruaidh: ciotaidhe fogha: blodhtacha: blúirínidhe. Tá mo cheann ina smidirínidhibh agat ó bheith ag éisteacht leat: i reachtaibh briseadh ina bhlúiridhibh beaga. Déanfaidh na cómhachta cogaidh seo smidirínidhe dá chéile sara stadaid: déanfaidh brúscar dá chéile.

smiodar: *f.1.* blúire briste, blodh, ciota. Dhein sé smiodaracha de n-a raibh d'áruistidhibh ar an gclár: blodhtacha: blúiridhe miona. Mara seachnair déanfair smiodar den gcupa: mion-bhlúiridheacha briste. Ar bhualadh don luing ar an gcarraig d'imthigh sí ina smiodarachaibh ar fuaid na mara: smutaíbh beaga.

smiodarach: *b.2.* blodhtacha; mionramh, mion-bhruin. "Smiodarach seadh í", deirtear nuair bristear aonnidh go mór. Smiodarach aráin mar thabharfá d'éan: brúscar. Dhéanfadh sé smiodarach de n-a raibh sa tsiopa dá leigtí leis: mion-ramh. Ar maidin, tar éis an ghála ní raibh lé fagháil den luing ach smiodarach: cipínidhe.

smiog: *f.3.* glór béil, friotal, oiread agus focal. Pé duine a labharfaidh nó ná déanfaidh ná bíodh smiog asat-sa: ná hoscail do bhéal. Oiread agus smiog ní tháinig as lé heagla: aon iarracht ar labhairt. Ní leigeann a bhean smiog as: bíonn sé ina thost aice. Cad tá ort go bhfuilir gan smiog?: gan aon chainnt agat. Cad tá air ná fuil smiog aige: é ina thost. Níor chuala smiog de ó éinne: aon éachtaint ní bhfuaireas. Nuair cuireadh an t-éitheach siar air níor fhan smiog aige: d'éist sé a bhéal.

smiolagaireacht: *b.3.* méaráil, láimhseáil, callán. Ná bíodh aon smiolagaireacht agat leis an airgead san, níl aon chuid agat de: aon mhéaráil ná baint. Beir ag smiolagaireacht leis an gcíste anois go laitfir é: ag baint leis gan chúram. Tiocfaidh gleódh lá éigin as an smiolagaireacht so a bhíonn aca lé chéile, ní stadaidh ach ag giobadh: conspóid i dtaobh rud suarach. Dá fheabhas a dhéanfá rud dóibh ní bheidís sásta gan bheith ag smiolagaireacht ort: ag fagháil locht is a bheith mío-shásta ina thaobh.

smiolagar: *f.1.* allagar, cleasaidheacht, giobaireacht, láimhseáil, méaráil, blaistínteacht. Choidhche ní théighid chun suaimhnis ar an mbailtín sin, do shíor an smiolagar chéadna eatartha: allagar: áiteamh is mío-shuaimhneas. Ní dóighthín do neach smiolagar leis an nduine dóchaiseach úd: seódh ná greann do dhéanamh leis. Béarfaidh an madra san ort má bhír ag smiolagar leis: ghá láimhseáil 'sag imirt cleas air. B'fhearr liom imtheacht uaidh is gan aon bhaint do bheith agam leis 'ná bheith ag smiolagar lé chéile ar gach aon rud budh shuaraighe 'ná a chéile: ag itheadh is ag bearradh ar a chéile. An té a bhíos ag smiolagar leis an ól ró-mhór fágann sé cimiar air: ag blaistínteacht: chuaidh is uaidh ró-mhinic.

smiollóg: *b.2.* snap méire is órdóige. Meas mo smiollóige níl agam air: aon mheas in ao'chor. "An méid sin tor (agus déintear smiollóg) níl agam ar do chuid gaoithe móire: aon tor ar bith.

smior: *f.3.* an fola saille a bhíos i gcuas cnámh; sughlach, neart brigh, meisneach. Chogain sé ón smior go dtín smúsach is ón smúsaigh go dtín smior: ón dtaobh istigh de chnámh go maothlán agus ar ais air airís: dhein sé brúscar de. Ghoirtigh sé go smior me: bhraitheas ag dul tríom é faid isteach atá ann. Chuaidh an dubhán go smior ionam: chómh fada agus b'fhéidir leis. Chuaidh an chainnt go smior ionam: ghoin sí go mór me. Má bhí smior i ngéagaibh fir riamh tá sé ionta aige: neart, brigh agus achmhaoin. Ar a bhfuil de chruadh-obair déanta riamh aige fé anródh agus ar dhroich-bhiadh mara mbeadh smior do bheith ann, ní sheasóchadh sé: neart agus brigh cheart chun iomaird agus duaidh d'fhulang. Ní dhéanfadh an crann san aon teine; níl sé saosúrdha, ná feicir an smior ag rith amach as: sughlach. Níl sé de smior ann aghaidh do thabhairt ort, meathtach atá ann: ní fhéadfadh sé an oiread san meanman do ghlacadh. "Biaidh sin 'na shlainte dot imlinn, agus 'na smior dot chnámhaibh" (Seanráidhte III. 8): an fola a bhíos istigh ionta. "Agus annsa tsliabh so do dhéana Tighearna na slógh sollamna don uile phobal de neithe méithe, fleadh fíona ar n-a thaiscidh a bhfad, neithe méithe lán de smior etc." (Isaiah XXV. 6): de thogha nidhthe lé n-itheadh. Ith smior mairt is bí cruaidh tapaidh, ith smior muice is bí mór meathta: an tsaill. Bíonn smior gach aonnidh aige: an chuid is fearr. Níl aon mhaith ann, d'imthigh an smior ar fad as: meanma, brigh. Feóil í seo go bhfuil smior innte: brigh agus maitheas lé n-itheadh. An ndéanfadh éinne eile an rud atá déanta aige? sin é an smior agat: an achmhaoin chun bruic lé duadh agus dochar. Cuir smior ionat féin, is geall lé rud báis thu: anam, brigh; mire.

smioramhail: *a.* go sughlach, maothlánach, sughmhar, meisneamhail, beódha, bríoghmhar. D'fhuilngeóchadh sé aon rud, tá sé chómh smioramhail sin: brigh is achmhaoin ina chnámhaibh. Feóil smioramhail gur fiú a hitheadh: go mbíonn sughlach innte lé n-a saidhbhreas is a feabhas. Ná bíodh aon drochmhuinghin agat as, ná go mbeidh sé buan, duine smioramhail atá ann: go bhfuil meisneach is brigh ann: bríoghmhar. Feoil smioramhail: go mbíonn mórán sughlaigh innte. Chuir sé chun bóthair go smioramhail, bhí gach aon léim as a chorp aige chuige: beódha, anamamhail. Sheasóchadh a ghéaga smioramhla aon duadh ná obair do cuirfí ortha: lán de neart.

smioramhlacht: *b.3.* sughlacht, beódhamhlacht, fearamhlacht, anamamhlacht, bríoghmhaireacht. Scruitín caorach gur beag an smioramhlacht atá innte: sughlach ina cuid cnámh ná feóla. Foillsigheann sé go raibh smioramhlacht ann, neachtreaca connus b'fhéidir leis dóthain beirte, triúir do dhéanamh: bríoghmhaireacht, achmhaoin chun fuilngthe is gnímh do dhéanamh. Cé go bhfuil sí críonna, caithte, tá smioramhlacht go leór fós innte, bheadh iongtas ort a ndéineann sí d'obair: beódhacht, anamamhlacht. Budh bheag an t-imshníomh a bhí orm-sa ná go mbeadh sé ann ar an sprioc-am, éinne mar é atá lán de smioramhlacht: anamamhlacht.

smiota: *f.4.* blúire, smut, briseadh gáire. Cé hé ná déanfadh smiota gáire fé a chidhfeadh an clódh greannmhar a bhí air: ná go dtiocfadh samhlughadh an gháire ar a cheannaghthaibh nó ná go ndéanfadh gáire bíognach fé. Bíodh gach aon smiota gáire ges na daoinibh fút anois go bhfuil amadán déanta agat díot féin: miongháiridhe mionca.

smiotadh: *f.* (*-ttha*) blodh-bhriseadh, tuargaint, bualadh. Mar a chéile dhom bheith ag tabhairt chómhairle don nduine dána san nó bheith ag smiotadh mo chinn i gcoinnibh an fhalla: ghá bhualadh. Ná bí ag smiotadh do chos i gcoinnibh na gcloch, féach rómhat, áit achrannach é sin: ghá mbualadh is ag baint sciolpaidhe dhíobh. Bhí sé ag gabháil orm go dtí go raibh sé ag smiotadh an bhata orm: ghom bhualadh chómh trom san go raibh blúiridheacha ag imtheacht de. Ag smiotadh a chuid airgid ó ló go ló agus gan é ag cur aonnidh air: smut de dhá shíor-chaitheamh aige. Nuair tháinig an bhuile air, níor bh'fhéidir é do chosc ar a raibh sa tigh do smiotadh: do bhriseadh. "Budh bheag agam", ars an duine bladhgrach bhur gcinn do smiotadh ar a chéile: do bhualadh is do ghortughadh nó do bhriseadh! Smiotadh mór déanta ag an stoirm dheireannaigh sin ar bhun na faille, mórchuid di bailighthe chun siubhal: caitheamh lé fóirneart. Is áidhbhéil an smiotadh atá déanta ar an mbullóig ag rud chómh hóg leis: caitheamh: itheadh. Bhí an bád dhá smiotadh i gcoinnibh an chalaidh dem aindeóin: ghá tuargaint is ghá bascadh. B'ait an béas a bhí aige, caitheamh an lae ag smiotadh chipínidhe lé scian phóca a bhí aige: ag scealpadh: ag snoighe: ag scamhadh (scughadh). Dréir na bpáipéar tá na cómhachta cogaidh ag smiotadh a chéile go dubh an aimsir seo d'iarraidh an lámh-uachtair d'fhagháil ar a chéile: ag tuargaint, ag brughadh 'sag bascadh a chéile. Míorbhailt é connus éirigh leis gan a cheann do smiotadh ar an gclaidhe: do bhualadh is do bhascadh. Dá dhéidheannaighe thosnuigheamair mar sin féin tá smiotadh maith déanta ar an ngort againn: cuid mhór oibre déanta air. Ag smiotadh trís na dóirsibh lé tuaigh: ag gearradh is ag briseadh na slighe. Ag smiotadh mo mhéireannta dóibh, an paca díomhaoin, d'iarraidh a gcothuighthe: ag obair chómh cruaidh sin is mar bheidís ag imtheacht ina mblodhtachaibh lé duadh.

smiotaim: *b.a.* brisim i mblodhtachaibh, buailim i gcoinnibh lé fóirneart, déinim smiodracha dhe, caithim, snoighim. Smiotas m'éadan ar an ndoras sa doircheacht, sin é chuir an fhuil liom: bhuaileas go dubh, cruaidh é. Tugtaí "Muiris an Chipín" air de chionn gur smiot sé a chloidheamh siar go cipínidhe an dornchlaidh i gcath: gur bhris ina smut is ina smut é. Smiot sé cos na cathaoireach le tuaigh: bhris sé í i slighe ná déanfadh sí an bheart. Nuair thuit sé lé faill smiotadh a raibh de chnámhaibh ina chorp ar an gcladach: briseadh is brughadh iad. Toisc an dola bheith ró-theann, ró-dhocht don bpoll smiotas lé sciain é go raibh sé oireamhnach: shnoigheas. Bhuail an dá luing ar a chéile sa

doircheacht is smiotadar a chéile: bhascadar: dheineadar díoghbháil dá chéile. Smiot an t-arm an chosaint a bhí ar an gcathair lé síor-ionsaidhthibh gur thógadar sa deireadh í: bhriseadar lé tuargaint ró-mhór. Tá an fheóil chómh righin sin go smiotfadh sí t'fhiacla d'iarraidh lámh do dhéanamh uirthi: go mbrisfidís ina smutaibh. Dá mhéid féir a bhí sa choca smiot na hainmhidhthe i rith an gheimhridh é: d'itheadar leó agus luigheaduigheadar é. Tá barra mo choise an-ghoirtighthe, smiotas ar na clochaibh é: bhuaileas go cruaidh, gonta é. Do smiot sé an bhróg i gcoinnibh an fhalla lé feirg: bhuail lé fóirneart. Smiotfaidh an fharraige an fhaill i ndiaidh a chéile: brisfidh is leagfaidh ina blúire is ina blúire. Smiotfad do cheann ar thaobh an fhalla: buailfead is brúighfead: bagairt láidir é seo. Go smiotaidh an diabhal do phlaosc!: go gcnagaidh, go mbrisidh.

smiotaithe: *a.r.* briste, brúighte, gearrtha, snoighte, caithte ina mhionchodaibh. Tá a lorga chómh smiotaithe sin gur dócha ná snaidhmfidh sí choidhche airís: chómh briste sin ina lia áit. Ní mór ná go bhfuil an chruach smiotaithe againn caithfeam soláthar sara fada: caithte, ídighthe ina cuid is ina cuid. Na méirligh d'fhágadar smiotaithe leath-mharbh cois an chlaidhe me ghá mhachtnamh go raibh mo chúram den tsaoghal aca: goirtighthe brúighthe ó bhualadh is ó thuargaint. Mo mhéireanta smiotaithe agam ó obair d'iarraidh an scata neamhmaitheach, droch-mhaitheach do chothughadh: chaithte. Téigheadh sé ag feadghail anois go bhfuil a chuid airgid smiotaithe aige ortha, is beag na cáirde bheidh aige: caithte ina chuid is ina chuid. Smiotaithe is cóir me bheith nár stad nuair chonnac ag cailleamhaint me féin: briste gan airgead. Fágfaidh súd ceann smiotaithe agat, droich-ghéag seadh é má gheibheann sé cao ort: bascfaidh sé chómh mór san thu go mbeir brúighte goirtighthe is go mbainfear sciolpaidhe dhíot. Tar éis an ionsaidhe aoir tá an baile ar fad smiotaithe, tighthe leagtha go hiomadamhail: scriosta, briste. Beidh na cruite smiotaithe ag an gcapall ó bheith ag gabháil ar an bhfalla: blúiridheacha bainte dhíobh. Barraidheacha do bhróg smiotaithe agat ó bheith ag lascáil chloch: sciolpaidhe nó blúiridheacha bainte dhíobh. Na gais smiotaithe ag an ngaoith: briste i slighe nách féidir leó seasamh ina gceart. Tá an méid leathair a bhí ann smiotaithe amach ges na brógaibh: dulta chun a ndéanta.

smiotarghail: *b.3.* blodhtacha, mion-bhruin. Bailigheann eascúin isteach 'on chuas nuair bhíonn smiotarghail éisc fágtha ann: éisceanna diomáisteacha, go mbíonn an ceann díobh nó laitithe ar chuma éigin. Lé buile is báine meisce rinne smiotarghail de n-a raibh d'áruistidhibh ar an gclár: blúiridheacha, blodhtacha, "deideanna". Níor thug sé fé ndeara aon raic go raibh aon tábhacht ar snámh ann seachas smiotarghail adhmaid: cipínidhe is blúiridheacha. Iarann chómh gannchúiseach san anois go bhfuiltear ag bailiughadh gach aon tsmiotarghail atá lé fagháil: gach aon ruaine. Smiotarghail adhmaid, ghas, thuigidhe, aráin, fheóla, etc.: blúiridheacha a bheadh fágtha, stracaithe nó briste.

smiotghail: *b.3.* do shnoighe, do bhriseadh ina mhionchodaibh; miongháiridhe. Fuaireas mo dheamhasáil ón máighistir as bheith ag smiotghail ar an suidheachán lé seanmheilit scine a bhí agam: ag cur riastaidhe ann: bheith ghá shnoighe: ag baint sciolpaidhe dhe. Cad fáth bheith ag smiotghail fúm, an chúis mhór mhagaidh mar sin me? bheith ag mion-gháiridhe: scarta beag gáire sa turus. Ag smiotghail gháiridhe: ag gáiridhe ós íseal mar bheadh i ganfhios.

smiotráil: *b.3.* briseadh, cnagadh, bualadh. Fuairis smiotráil mhaith uatha, tá sciolpa de bharra do shrón is gearra annso is annsúd ionat: stialláil: bualadh a fhág a rian. Cúisigheadh í lé bheith ag smiotráil fuinneóg ghá mbriseadh ina mblodhtachaibh. Smiotráil aráin: briste ina bhlúiridhíbh.

smíste: *f.4.* buille taithigeach, blúire nó slisneóg mhór; bata, tuairgín; duine nó ainmhidhe mór taithigeach. Fuaireas smíste treasna an leathchinn a shín me: buille trom. Bhíodar smíste ar smíste lé chéile: buille ar bhuille go trom. D'éiligh an dá thaobh gur thugadar smístidhe troma dá chéile a dhein bascadh mór: stiallacha, buillidhe diachracha. Táir ró-lag, ró-bheag chun dul chun cocaidheachta lé smíste fir mar é: fear déanta, cumasach. Ní raibh rud beó tímcheall an tighe ach smíste madra ná leigfeadh neach ina ghoire: maistín: ceann mór, cuthaigh. Na smístidhe cos atá fé ní hiongadh go bhfuil neart ann: cosa láidre, taithigeacha. Focal ní bhfaghfá as an smíste duirc dá mbeifeá ina chuideachtain go ceann bliadhna: duine tuathalach coimhtheach. I lár a bhfuil de dhaoinibh uile ar m'aithne is tú an smíste amadáin is mó ortha ar an slighe atáir ag smiotadh do chuid airgid gan féachaint chun an lae chruaidh: amadán corónta. Dar liom budh smíste duine uasail é ar an ngabháil a bhí air is amhlaidh go raibh sé chómh dealbh liom féin: ceann ceart aca. Seachain thu féin ar an smíste tairbh sin, níor lugha aige ná tu do phéacadh: ceann trom, láidir, cuthaigh. Éirigh, a smíste, is déin rud éigin: duine cothuighthe, láidir, leisceamhail.

smísteáil: *b.3.* bualadh, stialláil, tuargaint. Ins an gcogadh so atá an smísteáil má bhí sé in aon chogadh riamh, iad ag gabháil ar a chéile de ló is d'oidhche gan stad gan staon: an bualadh diachrach. Is minic a fuaireas smísteáil ón máighistir, dá ndéineadh sé aon mhaith dhom: fuaireas an tslat go cruaidh. Mar sin féin tá smísteáil mhaith fachta ag an gcarraig: bualadh agus tuargaint. Fuair sé smísteáil ón ndlighe: chuaidh cúis throm ina choinnibh a dhein dochar mór do.

smísteálaidhe: *f.4.* buailteóir, tuargathóir. Budh bheag an mhoill ar smísteálaidhthibh mar ghunnaidhe móra na fallaidhe do leagadh: rud a thabharfadh buillidhe troma, dochaiseacha uatha. Ar dhóirneáil tá sé ráidhte air ná raibh aon smísteálaidhe ag seasamh i gcródh budh righne 'ná é: dóirneálaidhe go raibh buillidhe níos gonta nó níos truime aige.

smísteálaim: *b.a.* buailim, tuargnaim, stiallálaim, fadhbálaim. Is minic a smísteáladh sa bhaile é is é ina rud bheag i dtaobh éithigh, ach níor bh'aon mhaith do bheith leis: a tugadh bualadh maith dho chun a leasuighthe. Smísteáil sé an madra go mbeadh truagh agat do: bhuail sé go neamh-thrócaireach é. Fan uaidh smísteálfadh sé an t-anam asat: stiallálfadh go trom.

smísteóir: *f.3.* buailteóir, fadhbálaidhe; géirleantóir; duine teann, láidir. Smísteóir fir gur bheag an nath aige lá cruaidh oibre do dhéanamh: fear láidir, fuilngtheach. Tabharfaidh an fhoireann san seasamh uatha, smísteóiridhe maithe iad: dream atá i ndán bruic lé mórchuid struis agus tuargaint do thabhairt uatha. B'fhada fé chois sinn ges na smísteóiridhibh dár síor-chlaoidhe: lucht géirleanamhna. Smísteóir éachtach lé hórd seadh thu: buailteóir a fhágas rian a lámh. An bás an smísteóir ná téigheann neach uaidh: treascarthóir: scriostóir.

smístim: *b.a.* buailim, fadhbálaim, tuargnaim, batálaim. Smíst é, is é atá tuillte aige: buail go maith é. Is minic a smísteadh i mbruighin é ach sé an fear céadna é, ní féidir a mhíniughadh: buaileadh go maith. Smísteas treasna na srón é: bhuaileas go dochaiseach.

smithire: *f.4.* duine suarach, táthaire, rud neamh-thoirteamhail. Léan ort, a smithire, ná béarfá greim cruaidh ort, nó an bhfuil sé d'anam ionat: rud suarach gan tapa. Riamh ní fheaca an smithire ina fhear ameasc fear: ag déanamh gnímh fearamhail. Ná bíodh aon tnúth agat leis siúd, níl ionat ach smithire ar a ghualainn: duine suarach nách féidir do chur i gcómhnáird leis. Rug sé ar mhórán breac, ach ní raibh ionta ach smithiridhe: rudaidhe gan toirt. Chuir uait an chainnt sin, a smithire, nó níl fiacal id dhranndal ná go mbrisfead: táthaire: duine a bhíos ag tabhairt gearr-aighnis uaidh. Ná cuir aon nath sa smithiridhibh sin bheith ag gáiridhe: táthairidhe: daoine suaracha a bhíos magamhail, dar leó, trí bhreis eólais.

smithireacht: *b.3.* suaraidheacht, táthaireacht, teallaireacht, meathtacht, magamhlacht. Cuir uait smithireacht ach má tá fonn ort rud do dhéanamh déin é: táthaireacht: tithireacht is gáiridhe. An gcaithfir an lá ag smithireacht gan faic do dhéanamh: ag dríodáil: ag slibireáil lé malairt an ruda budh cheart do dhéanamh, is go minic ag déanamh cainnte ná baineann leis an gcúrsa. Faid mo choise ní fhoidhneóchainn a chuid smithireachta: cainnt is gníomh a chuirfeadh míchéadfadh ar dhuine. Níor chuala d'argóint riamh uait ach smithireacht: teallaireacht.

smóilín: *b.4.* smól bheag, smólach (smórlach) bheag, ball beag, teimheal. Ní raibh ach smóilín sa teine, shaoileas ná cnádóchadh sí choidhche: spréach bheag, dhearg. Duine lé Dia seadh é, níl smóilín ar a anam: teimheal, ball beag. A smóilín mo chroidhe: a dhian-ghrádh. Na smóilínidhe ag cantain ar gach géig: smólacha geanamhail lém chroidhe istigh.

smoirt: *b.2.* (**smuirt**) an mheirg a bhíos ar chruithneacht, sal, smúr; brígh, fuinneamh, "smior". Táir salach, barcach ó smoirt an bhóthair: teimheal ceangailte isteach ann. Croith agus smísteáil an brat úrláir sin, tá sé lán de smoirt: salachar ceangailte isteach ann. Mar a raibh sean-iarnaidhe is trufais eile ina gcúil leis na bliadhantaibh bhailigh mórán smoirte: an mheirg a thuiteadh díobh lé haois. Chuirfeadh sé iongadh ort a raibh de smoirt ar chraoibh an choirce: meirg, salachar buidhe. "Anois an bhfuil smoirt ina ghéagaibh?" deirtear nuair bhíonn beart nirt déanta ag duine: smior is fuinneamh. Cuir smoirt ionat féin: múscail: bíodh breis bhrighe is thapaidhean ionat. Mara mbeadh an smoirt atá ann ní sheasóchadh an oiread duaidh agus struis: buancas agus fulang. Níl aon ghnóth ag duine gan smoirt cur chun an saghas so d'obair chruaidh: duine gan anam ná fuinneamh. Cuirfead-sa smoirt ann leis an mbata so: anamamhlacht; iachall air bheith mear.

smól: *f.1.* luagh dhearg, spréach bheag theine; cuid dhóighte de bhuaiceas a choisceas í ar lasadh go glan, glé; teimheal, smúit, béim, ainimh, locht, rian. Chuaidh smól ón gcoinnill ar an éadach is dóigh poll ann: blúire buaicis a bhí dearg. Séideadh smól ón bpíp ar an stáca is ghlac sé teine: spréach bheag dhearg. Budh thruagh leat é féin 'sa bhean 'sa

ceathrar clainne i seanntán adhmaid i lúib coille gan greim lé n-itheadh ná smól theine: oiread agus spréach amháin. Maidean chómh haoibhinn is d'amharc súil duine riamh gan smól sa spéir: scamall dá luighead. Má chuaidh anam éinne ar neamh riamh chuaidh a anam súd, ní raibh smól air: teimheal peaca. Ní gábhadh dhuit aon eagla do bheith ort go bhfágfaidh cainnt an smithire úd aon smól ar do chlú ná ar do cháil: rian: teimheal. Cuir smól ar do phíp is bíodh gal agam uait: dearg í. Beidh smól ar an ré i gceann mí deirtear: doirchiughadh trí ghabháil na cruinne idir sinn agus í. Tar éis ionsaidhe na hoidhche ón aer agus ar an dtalamh bhí an baile ina smól fé mhaidean: dóighte síos go talamh.

smólach: *b.2.* (**smórlach**) éan cantain, leath-thoirteamhail, clúmh dorcha air ach amháin fé n-a mhuineál sa bholg a bhíos báidhteach bán. Tigín gleóidhte aice annsúd ina haonar chómh tirim teólaidhe lé nid smólaighe. A ghuth chómh binn lé smólach ag cantain ar chraoibh: an-bhinn.

smóltach: *f.1.* duine bríoghmhar i dtréith is i bpearsain. Ní túisce a osclóchadh an smóltach fir úd a bhéal chun labhartha 'ná go mbeadh gach éinne ina thost ag éisteacht leis.

smuasach: (**smúsach**) *b.2.* loingeán, cúl buidhe, féithleóg. Smuasach mo shrón: an fhéithleóg láidir istigh innte mar bheadh cnámh bog. Chogain an madra an mhéar ón smior go dtín smúsaigh is ón smuasach go dtín smior: rinne sé gránlach di. Thuiteas ar mo smúsaigh i gcorplár an úrláir: ar mo chainncín. Bainfid smuasach as a chéile fós sara stadaid den gcogadh: tuarfaid a chéile go ndéanfaid dochar mór dá chéile. "Dá mbeadh barra na smúsaighe dhe níor bh'aon díoghbháil é", lé duine a bhíos ró-chlaon lé bheith ag sáthadh a chinn i gcúrsaidhibh iasachta. "Sin í smuasach atá air", lé duine a ghníos beart neamh-ghnaoidheamhail.

smuasachán: (**smúsachán**) *f.1.* duine a bhíos ag tarrac is ag séideadh trí n-a shróin mar bheadh ag boladhghail; duine tuathalach, neambéasach. Gheóbhadh an smuasachán san boladh bídh nó tobac míle ó bhaile: duine a thagas ag tnúth, aimsir bídh. Dá bhfaigheadh an smuasachán san an trócaire ní fhéadfadh sé leigeant do chúirmidhibh daoine eile: tuathalán a shádhas a shrón in áit ná bítear ghá iarraidh air. Ní bheadh a fhios agat choidhche cad é an smuasachán a scéidhfeadh ort: duine a bheadh ag ganfhiosaidheacht mar bheadh madra ar fheóil.

smuasghail: (**smúsghail**) *b.3.* do tharrac is do shughadh anáile go duaibhseamhail nó lé feirg; do chur isteach ar chúrsaidhibh iasachta. Cad tá air anois, fearg? go bhfuil an tsmuasghail ar fad air: go bhfuil glór ge n-a anáil trí n-a shróin. Ná bíodh aon tsmuasghail ort, caith do chárta: ná bí i nduabhais chómh mór san is go gcloistear thu ag tarrac t'anáile. D'aithnigheas ar an smuasghail a bhí air go raibh fuadar bruighne fé: an tslighe thapaidh a bhí sé ag tarrac a anáile. Ar an smuasghail a bhí air ag an ualach ní fhéadfadh gan duadh mór do bheith air: an duabhais anáile. Má ghaibhim ag smuasghail tímcheall na háite seo airís thu scaoilfead an ghaoth 'san ghrian tríot: ag boladhghail: ag ganfhiosaidheacht.

smúdáil: *b.3.* do chur iarainn ar éadach. Iarann smúdála .i. chun éadaigh do dhéanamh mín, réidh ó chnapán nó roc.

smúdán: *f.1.* smúit, luath, meirge ceóidh. Cómhartha go mbeidh aimsir bhreágh againn an smúdán san ar na sléibhtibh: brat éadtrom tirim ceóidh. Níor bh'fhéidir liom é do bhreithniughadh go soiléir bhí smúdán ar an spéir: gal éadtrom, tirim. Brat an bhúird lán de smúdán tobac: luath.

smúdar: *f.1.* púdar, tuighe, etc. dreóighte, luath, cosamar. Níl faic san uaigh anois ach smúdar corp: luaithreach: iad dreóighte. D'fhan an cloidheamh an fhaid sin fén gcré go raibh sé ina smúdar nuair fuairtheas é: imthighthe ina mheirg. I láthair na cruaiche ní raibh ach smúdar móna: brúscar mion. Níor scuabadh an seómra leis na ciantaibh, tá sé lán de smúdar: de thrufais, smúit, salachar.

smuga: *f.4.* sileadh na srón. "Ní fheaca riamh air ach smuga": a shrón ag sileadh, deirtear lé duine ná bíonn ró-ghlan as a phearsain. "Bhainfeadh an lá úd an smuga dhíot", lé lá an-fhuar. Bheadh smugaidhe ort leis an bhfuacht: do shrón ag rith. Smuga róin: bolgán leice, iasc bog i ndéanamh scáthadáin chómh neamhthaithigeach lé glóthach fhrog. Smuga na gcuach: fola bán mar bheadh cubhrán ar nós seile a fhágann feithididhe ina ndiaidh is na huibhe istigh ann.

smugach: *a.* ronnach, srón-tsilteach, salach-chainncíneach; neamhchúramach tímcheall na srón. An é an rud smugach san go mbeinn ghom chur féin i dtreis leis?: go mbíonn a shrón salach do shíor.

smugachán: *f.1.* duine go mbíonn smugaidhe leis, a bhíos salach tímcheall a bhéil is a shrón; teallaire salach. An smugachán san, ná tabhair aon tor ar an rud a déarfaidh sé leat: duine go mbíonn bior chun cainnte air is ná bíonn ró-chúramach i dtaobh glanchair a chainncín. Meas madra níl aige ar aon tsmugachán a bheadh ag cur síos air: duine ná beadh in ionad rud do chasadh lé neach ar bith.

smugaire: *f.4.* duine go mbíonn srón tsilteach air. Dá bhfaghadh sí Éire saor dhearbhuigh sí ná pósfadh sí an smugaire: duine salach ina phearsain.

smugairle: *f.4.* duine sróntsilteach; sruma. Smugairlidhe róin: éisceanna boga mar bheadh glóthach fhrog. Éist, a smugairle: duine sróntsalach. Cad a chuir na smugairlidhe fola leis: fuil shrón ina sruthánaibh.

smugairleach: *a.* sróntsalach, claon lé smugaidhibh; duine a bhíos mar sin. Ní phógfainn leanbh smugairleach mar thu: salach tímcheall a choineann. Tabharfair náire dhuit féin, a smugairligh, nách gann atá uisce ort: duine a bhíos salach as a aghaidh.

smúid: (**smúit**) *b.2.* gal, ceódh tirim, salachar tirim ar nós an phúdair; teimheal, máchail, ceódhmharán. Bainfeam smúid as an lá: beidh scléip againn. D'imthigh as mo radharc lé smúid: siubhal nimhe. "Smúid seadh í", deirtear nuair bhíonn rud dhá dhéanamh go mear, tapaidh. Bhainfinn smúid as do leathcheann: thabharfainn buille dhuit a bhraithfeá go

cruaidh. Smúid ina dhiaidh ar an mbóthar: scamall salachair tirim ag éirghe uaidh lé siubhal. Anois lé teacht na breághthachta tá smúid ag an dá arm dhá bhaint as a chéile: tuargaint áidhbhéil. Cómhartha maith aimsire breághtha an smúid sin ameasc na gcnoc: gal geal éadtrom, tirim. "A rosca gorma, glana gan smúid": gan aon teimheal nó a leithéid ortha a mhúchfadh a léargas no a solas. Buidheach 'o Dhia, níl smúid sa tsaoghal orm: rian bróin. Tá grian in áiteannaibh eile isteach fén ndúthaigh, tá sí fé smúid annso: fé scamall. Cuimil an tsmúid des na fuinneógaibh: salachar tirim éadtrom ar nós na mine. Lé gach buille ghaibheadh an charraig d'éirigheadh smúit aiste: gal go mbíonn a lia caithnín is dubhradán ann. Smúid throm ag teacht laistiar, táir buailte lé fliuchán: scamall a mhúchas an léargas. Ól siar é sin, is imtheóchaidh an tsmúid ded chroidhe: an duairceas: dolbhach. Dá n-imthigheadh an tsmúid sin den ngealaigh dhéanfaimís ár n-eólas níos fearr: an scamall atá ag múchadh a solais. Is é atá ag baint smúite as an oidhreacht a thuit: sásamh ghá caitheamh.

smúideamhail: *a.* (**smúiteamhail**) scamallach, deatamhail, galach, meirgeach, dorcha, doilbhir. Maidean smúideamhail, ní fada ó bhaile chidhfeá: go mbeadh meirge ceódh ins an aer. Ní fheicim ró-shoiléir trís na gloinidhibh seo táid smúideamhail: tá brat dubhradán nó cáithnidheacha bailighthe ortha. Beidh do chuid éadaigh lán de bhallaibh ges na bóithribh smúideamhla: atá lán de shalachar thirim ar nós púdair.

smúideán: (**smúiteán**) *f.1.* ceódh tirim; scamall dlúth dubhradán nó caithnínidhe a éirigheas san aer, luath mhín, púdar, deatach. Tá smúideán os chionn an oileáin féach amach d'athrughadh aimsire: scailp tirim ceóidh. An tarbh ag adharcáil an chlaidhe is ag cur smúiteáin san aer: brat éadtrom de chré thirim. Ní raibh an loingeas ró-shoiléir bhí smúideán ar an bhfarraige: scamaill throma, thiorma. Mhúchfadh an smúideán a bhí ag teacht ón ngluaisteán lé siubhal thu: an ceódh bóthair. Ní haon lá cnuic é seo, tá smúideán air: ceodhmharán a mhúchas ón radharc é. Smúideán an bhóthair ag gluaiseacht leis an ngaoith ghuairneáin: an dlúth-bhrat, dubhradán, a bhailigheas air lé tiormach.

smúidiúnta: (**smúitiúnta**) *a. n-dh.* lán de chaithnínidhibh deataigh nó gail, deatamhail, scamallach. Táimid buailte lé báistigh, tá an spéir smúidiúnta, sin iad na hoileáin i bhfolach: scamaill bailighthe innte. Cad tá ar mo shúilibh go dtaidhbhsigheann go haon rud smúidiúnta dom: mar bheadh ceódh ortha.

smúidiúntacht: (**smúitiúntacht**) *b.3.* scamallacht, doiléireacht. Budh dheacair aon rud do thabhairt chun cruinnis i gceart leis an smúidiúntacht a bhí ann: doiléireacht spéire trí cheódh nó bháistigh. Imtheóchaidh an smúidiúntacht san den abhainn nuair neartóchaidh an ghrian: meirge: ceódh bán. Lé breághthacht an lae bhí smúidiúntacht ar aghaidh na talmhan: saghas ceóidh.

smuilcín: *f.4.* srón ghearra, liocuighthe; duine geanncach. Nách gleóidhte an smuilcín atá at mo leanbh: geannc bheag shrón. Smuilcín an leas-ainm a bhí againn air toisc a shrón: buachaill go raibh srón ghearr, leathan air.

smulc: *b.2.* srón, cainncín, srón ghránda, gnaoi ghruamdha, mío-shástacht. Tháinig racht smuilce air ná freagróchadh sé aon cheist dúinn: mío-ghnaoi dhoichilleach. Cad a chuir

an smulc air? an aonnidh dubhradh leis a fheargóchadh é?: an mhío-shástacht. Cuir díot an smulc, tá cion duine fachta agat: an chuma ghruamdha, mhío-shásta. “Sin í smulc atá air”, deirtear lé duine mío-shásta, a eiteóchadh thu, a bheadh doichilleach, ná beadh gnaoidheamhail. “Nár imthighidh an smulc díot”, lé duine ná taithnigheann linn nó ná beadh lághach, mín.

smulcach: *a.* cnap-shrónach, mío-shrónach, gruamdha, doichilleach; duine ná bíonn gnaoidheamhail; go mbíonn cuma dhaibhceach air. Duine smulcach é chun seóidh ná grinn do dhéanamh leis, ní fhéadfá sult ná gáire do bhaint as: gruamdha, duairc. Smulcach cruaidh, fuilngtheach atá ann: fear go bhfuil de chuma air nách dóighthín é chun dulta ina threó. Bean churanta, smulcach go raibh acfuinn innte a chainntigh ar dtúis me: cnap-shrónach, clódh-chumais. Ní beag dom me d’eiteach gan bheith smulcach liom ina thaobh: doighriptheach: mío-ghnaoidheamhail.

smulcachán: *f.1.* duine doicheallach, gruamdha. An iongadh leat ná fuil sé ag díol mórán, an smulcachán, cé raghadh isteach chuige is ná faghfá focal mín choidhche uaidh: duine duairc, doicheallach. Is soiléir ar an smulcachán nách é an deagh-gheamhar é, féach an tsrón atá air: duine cnap-shrónach is gan cuma ró-mhín air.

smulcán: *f.1.* duine cnap-shrónach go mbíonn cuma dhaingean air. Smulcán é siúd a phléidhfeadh a cheart in aon áit: duine dána go mbíonn cuma na troda air. Cuirtí fearg an domhain ar an smulcán is é ag dul ar scoil nuair castí a shrón leis: buachaill cnap-shrónach.

smúr: *f.1.* sméaróididhe (dubha), eibhleóg, luaithghríosach, ceódh, gal, cioth, scamall. D’éirigh smúr os chionn na cathrach tar éis an tóiteáin: deatach ina scamall. Tairngeadh an smúr as an dteine ghuail: na mion-chnapáin ná raibh a thuilleadh maitheasa ionta chun teineadh. Cad tá ar an smúr san os cionn na n-oileán?: scailp cheóidh. Ní bheidh sé trom i mo thuairm, níl ann ach smúr: cioth éadtrom. An smúr a éirigheas as an bhfarraige deineann scamaill bháistighe dhe: gal uisce. An díg lán de smúr, toisc a fhaid ó glanadh í: de shalachar. Dhóigh smúr na teine me, cheangail sé isteach im chroiceann: luaith-ghríosach.

smúrach: *f.1.* smúit nó salachar dubh, sugh tirim, luath-ghríosach. Má leanaid de bheith ag caitheamh ón aer ar na bailtibh déanfaid smúrach díobh: luaithreach is gal ag éirghe aiste. Ag féachaint amach as an dtraen dom bhí smúrach ar m’aghaidh ón inneall: smúit dhubh.

smúráil: *b.3.* boladhghail, súghrac, grúntáil chodlata, barrghail oibre, etc. Níl faic id phíp, cad é an mhaith bheith ag smúráil uirthi?: súghrac. Biadh maith é sin, ith é, is ná bí ag smúráil air: ag boladhghail air. Caithfear caladh ceart do dhéanamh san áit, ní haon mhaith smúráil: barrghail: útamáil gan éifeacht: ag cur chúiche gan spirid gan fonn. Cómhartha na haoise air, bheith ag smúráil chodlata: ag míogarnaigh.

smúrlaighil: *b.3.* (*-gheala*) míogarnach, néallfartach, grúntáil. Í an aois sin anois gur suidhte i gcathaoir shocair lé haois teineadh a chaitheann sí an aimsir ag smúrlaighil: ag tuiteam seal beag dá codladh is ag dúiseacht arís.

smut: *f.1.* blúire, aon rud gearra, teann, bun, stoc; deallramh duaismiúnta; cuid, ádhbhar. Éirigh, is mithid é, tá smut maith den lá imthighthe: cuid: ádhbhar. "An bhfuil an obair déanta agat?" – "smut": ádhbhar di. Tá smut maith den cheart agat gan labhairt leis: nílir as an slighe in ao'chor. Is maith an rud smut gan an t-iomlán do bhac: gan dul ró-dhian ar aonnidh. Bhailigheas smuit adhmaid chun teineadh do dhéanamh: blúiridheacha. Deirtear go bhfuil smut airgid sa bhannc fós aige: ádhbhar: roinnt. Tá faid mo láimhe de smut air toisc gur theipis air: pus: deallramh mío-shásta. Máirt na smut: Máirt Inide: míoshástacht ar dhaoinibh nár phós. D'íosfá in aon bhéalóig amháin an smuitín aráin a fuaireas: blúirín. Bead ag tabhairt smuit do mar fhéadfad: ag díol mo chuid fiach i ndiaidh a chéile. Níl smut aige orm: fiacha. Níl smut breise aca ar a chéile: mar a chéile atáid i dtaobh an nidh go mbíonn tagairt. Dá mbeadh smut den oidhche caithte ní bhraithfí ag gluaiseacht sinn: ádhbhar maith. Bhíodar smut maith aniar sar ar báthadh iad: tamall maith slighe.

smutach: *a.* gearra, catach, geanncach, cainncíneach. Earball smutach ar choinín is ar ghirrfhiadh: gearra. Cluasa smutacha ar cat: gearra, cruinn. Léan id phus smutach: cainncín liocuighthe, geanncach.

smutachán: *f.1.* duine geanncach, bolg-bheólach. An é an smutachán san do phósfadh sí? b'fhada mar phaiste uirthi é: duine ná bíonn ró-thaithneamhach tímcheall a bhéil 'sa shrón. Smutachán gearr-aighnis: teallaire geanncach.

smután: *f.1.* smut nó blúire gearra, téagartha. Smutáin adhmaid a raibh ar snámh ar maidin den luing tar éis na hoidhche áidhbhéile úd: geanncacha. Bhuail sé liom suidhte ar smután coille: tamhán: bun cruinn.

smútughadh: *f.* (*-uighthe*) do chiorrbhadh, do theascadh. Ní fada sheasóchaidh sé leat ar an slighe atá sé dhá smútughadh agat: ghá chaitheamh ina bhlúire agus ina bhlúire: ghá bhriseadh ina chuid is ina chuid. Toisc an ghannchair tobac caithfear é do smútughadh go sroichfeadh blúire gach éinne atá ina easbhaidh: é do ghearradh ina gheannc agus ina gheannc bheag.

smutuighim: *b.a.* ciorrbhaim, teascaim, brisim ina chuid is ina chuid. Smutuigh sé an crann lé tuaigh chun teineadh go dtí ná raibh ann ach an bun: smiot sé é: ghearraidh ina bhlúire is ina bhlúire. Smutóchaidh sé leis an saoghal is leis an aimsir: raghaidh sé i ngiorracht.

smutuighthe: *a.r.* ciorrbhuighthe, teasctha, luigheaduighthe. An sparra mór tobac a bhí aige tá sé smutuighthe aige ó bheith ghá roinnt ar dhaoinibh: luigheaduighthe. Tá sé smutuighthe go comhthrom agam: roinnte ina chodaibh.

snácáil: (**snámhachail**) *b.3.* únshnámh, caolughadh, snámhghail, slimideáil, sníomhán, ganfhiosaidheacht. Bead ag snácáil liom rómhat, tiocfair suas liom ach luathughadh: ag

gluaiseacht mall: ag cur na coise thar an gcois eile. Chonnac an eascú mhór fharraige ag snácáil isteach lé hais na carraige ag casadh 'sag iompódh ar lorg a coda: ag cur di go mall. Ó goirtigheadh é níl aon tsiubhal aige ach ag snácáil leis ar mhaididhibh croise: ag corruighe mar bheadh eascú ar an dtalamh tirim. Laetheanta thar ar deineadh an marbhadh chonnacthas duine iasachta ag snácáil tímcheall na háite is caitheadh amhras láithreach baill air: ag ganfhiosaidheacht: ag gabháil tímcheall mar bheadh rud éigin folach ar maoith aige. Cuir smuirt ionat féin, éirigh as an snácáil, ar an réir sin ní bheadh faic déanta choidhche agat: máineáil oibre: gan deabhadh, gan fuinneamh. Chrom sé ar shnácáil aníos ar a bholg laistiar de, d'fhonn agus teacht i nganfhios air: gluaiseacht go socair, réidh mar bheadh nathair ag gabháil trí fhéar. Bíonn snácáil an mhada ruaidh tímcheall na háite pé rud atá ina cheann aige: fairghis is ganfhiosaidheacht. "An bhfuilir ag scríobh go mór an aimsir seo?" – "ag snácáil": ag dul ar aghaidh mar bheadh slimide. Bhuail an long ag snácáil an cuan isteach is iomard éigin ar a fearas iascaigh: ag snámhán: ag bacadghail.

snácálaidhe: (**snácánaidhe**) *f.4.* slimide duine etc., oibridhe mall, ganfhiosaidhe, sníomhánaidhe, snámhánaidhe, leadaidhe. Nách ait an scéal ná cuireann an snácálaidhe sin anam éigin ann féin is go bhfuil a fhios aige go mbeidh thiar air mara ndéineann deabhadh: duine righin, manaoiseach. Snácálaidhe capaill atá ann, ní bheadh smut de bhóthar curtha dhe indiu aige: ceann ná beadh ag cur na coise thar an gcois eile, dar leat. Nách í an eascú an snácálaidhe, féach mar tá sí ag únshnámh ag baint an uisce amach: ag gluaiseacht, ag tarrac an chuirp feadh na talmhan. An snácálaidhe bocht, bíonn an t-earrach 'san fóghmhar déidheannach air: duine díomhaoin, mall, manaoiseach.

snácán: (**snámhacan**) *f.1.* mall-ghluaiseacht, slimideáil, únshnámh (únámh). Ní rabhas ach ag snácán, bhí ualach ró-throm orm, níor bh'fhéidir liom aon deabhadh do dhéanamh: ag gluaiseacht ar nós na péiste. Bíonn sé ag snácán leis, sin mar thá aige: ag déanamh gach ruda go mall, righin. An phiast mhór fharraige ag snácán léi cois cloiche: ag máineáil; gan siubhal fúithi. Bhíos d'iarraidh snácán isteach 'on pholl ar mo bholg: d'iarraidh mo chuirp do tharrac liom go réidh. Bhrisfeadh sé do chroidhe ag feitheamh leis, ag snácán leis gach aonnidh: ghá dhéanamh go mall, righin, mío-thapaidh. An abha ag snácán léi do shíor chun na farraige: ag gluaiseacht go mall.

snácálaim: *b. n-a.* mall-ghluaisim, únshnámhaim, éaluighim. Connus shnácalfair isteach gan tu do thabhairt fé ndeara? táthar ag faire ort: connus raghair isteach lé ganfhiosaidheacht. Snácáil sé isteach ameasc trínsidhe na namhad sa doircheacht: d'éaluigh sé lé hé féin d'fholach go maith. Ní shnácálfá choidhche isteach ann, tá an poll ró-chumhang duit: ní chaolófá: ní fhéadfá do chorp do tharrac leat.

snadaidhe: *f.4.* ganfhiosaidhe, snámhaire, slíománaidhe, síothnaidhe, sleagaire. Leigeann san air ná bíonn ag faire chun scéitheachtainte, ach bíonn, an snadaidhe: duine suarach a bhíos ag déanamh rud go folach. D'fhan an snadaidhe leis an ndoircheacht chun na gadaidheachta do dhéanamh: duine a bhíos ghá fholach féin chun ná breithneófaí a bhearta. Bhíodh snadaidhe éigin ar scoil a scéideadh orainn leis an máighistir: a innseadh ár mí-bhearta orainn: a bhíodh ag fairghis chun bheith ag scéitheachtaint.

snadaidheacht: *b.3.* ganfhiosaidheacht, snamhaireacht, síothnaidheacht. Má bheirim airís ag snadaidheacht tímcheall na háite seo ort, cuirfead an piléar ionat! cá bhfuil do chúram ann?: ag gabháil tímcheall go foluightheach is deallramh amhrasach fút. Rugas air ag snadaidheacht cois an chlaidhe, d'iarraidh na gcos do bhreith leis: ag caolughadh leis: ghá fholach féin ar a dhícheall, chun ná tabharfaí fé ndeara é. Is olc an tabhairt suas atá ort a leinbh, is bheith ag snadaidheacht tímcheall mo phócaidhe: d'iarraidh teacht ortha i nganfhios dom chun iad do shlad.

snadhmach: *a.* cuibhrightheach, idirfhíghthe, idirchasta, crosta, achrannach, dualach; fadharchánach. Cúrsa ró-shnadhmach dom seadh é, níl aon réidhteach agam air: fadhbach, cas, crosta. Is mór an seódh an neart atá ann, ní fuláir, is na géaga snadhmacha atá fé: na matáin éirighthe amach ortha mar bheadh snaidhmeanna ar théid. Córda snadhmach: go mbíonn snaidhmeanna air: casta ar a chéile i lúbaibh ná scaoileann uatha féin.

snadhmtha: (**snaidhmthe**) *a.r.* cuibhrighthe, ceangailte mar bheadh dhá cheann córda, téide, etc., dá chéile; pósta. Níl an chos bhriste snadhmtha fós: slánuighthe, dlúithte: tathuighthe: na smuit ceangailte ina chéile. An téad snadhmtha den ancaire: cuibhrighthe, ceangailte: greamuighthe. Dhá cheann an chórda snadhmtha: ceangailte. An fada snadhmtha le Máire thu?: ceangailte i bpósadh. An t-eidhneán snadhmtha ar an gcrann: fásta go dlúth ina thímcheall. Na cláracha plainnc snadhmtha chun deiridh is chun tosaigh: beartha, ceangailte.

snag: *f.3.* stad, tut-bhéalaidheacht, cnead. Níl na focail go ró-shoiléir aige, tá snag ina ghlór: stad obann. Tá snag ina ghlór ó bheith ag gol: cnead. Ná bíodh eagla ort go bhfuil snag ann: cainnt go flúirseach aige.

snag: *f.1.* meaig, sceagaire. Snag breac: an t-éan d'aicme na cróige, clúmh bán, dubh air, earball fada, barr-chaol, is glór garg, gliogair aige.

snagach: *a.* mall, siléigeach, slimideamhail, righin. É ag cur de go snagach gan puinn deabhaidh ná imshnímh air: mar bheadh sé ag snácáil. Tá sé árd-shnagach ar fad, budh chóir do bheith annso fadó riamh: siléigeach, mall.

snagadh: *f.* (*-gtha*) do chur faille dhe, greim scórnaighe. Cad chuir an snagadh ort? ocras?: freangaidhe obann na scairte agus an glór scartach a leanas é. Tháinig snagadh im ghlór nuair chonnac an t-éirleach: cnapán im scórnaigh ná féadfainn labhairt. Is truagh snagadh cainnte innte: stad.

snagadghail: *b.3.* blaistíneacht. Bíonn sé ag snagadghail leis an ólachán i gcómhnaidhe: ag blaistínteacht: ag baint braoin as. Ní mór é a mheisneach bídh, níl ach a rádh go mbíonn sé ag snagadghail leis: ag priocadh go lag.

snagaim: *b. n-a.* snámhánaim, únshnámhaim, slimideálaim. Snag leat ar do shuaimhneas, bead-sa ag teacht suas leat: gluais go mall. Ná snag, ná scaoil amach pé nidh atá lé rádh agat: ná labhair lé stad.

snagaire: *f.4.* duine go mbíonn stad, tut-bhéalaidheacht, tut-bhalbhaidheacht ann; slíománaidhe. Ní thuigfeadh mo dhícheall an snagaire, ní thagann an dara focal as a chéile uaidh: duine a labhras le stad aindeónach ina ghlór: go mbíonn cosc ina úrlabhra. Ní bhíonn aon iongadh ar an snagaire sin, caolughadh isteach in áiteannaibh ná bítear ghá iarraidh: slíománaidhe. Tá snagaire suarach éigin tímcheall mo bhaoite: breac beag atá ag giobaireacht air gan breith air.

snagaireacht: *b.3.* tut-bhéalaidheacht, tut-bhalbhaidheacht, stad, creathadh glóir, lútáil, tnúth. Tabhair aghaidh do chaoraidheachta in áit éigin agus ar dhuine éigin eile, ná bí ag snagaireacht orm-sa: ag lútáil tímcheall orm ar mhaithe leat féin. An ballach atá thíos sa pholl san ní raghaidh aon iarann ann, níl sé ach ag snagaireacht: ag giobaireacht ar an mbaoite: ghá chreimeadh. Bíonn an iomad snagaireachta aige, bheadh truagh agat do d'iarraidh a chainnte do chur de, go mór-mhór nuair bhíonn líonrith air: stad: cosc is creathán glóir.

snaidhm: *b.2.* cuibhreach mar bheadh dhá cheann téide, córda, etc., lé chéile, táthughadh cnámha briste, coimhcheangal, alt, banna, oibleagáid, pósadh, castacht, ath-chrot, breall, grainc. Tá a chead agat bailiughadh leat aon am go dtagann do theadh air, níl snaidhm ag éinne annso ort: greim, ceangal. Tháinig snaidhm ar a phutóig, agus bhí sé chómh dona gur caitheadh fios do chur ar an sagart: chas sí ar a chéile. Tháinig snaidhm ar mo phutóig ó bheith ag gáiridhe fútha: chas sí ar a chéile: rug greim laistigh orm leis an suathadh. Chuir sé snaidhm(eanna) ar a bhéal lé míchéadfadh chugham nuair chonnaic sé go rabhas as an slighe: breall: cor. Bhí snaidhmeanna dubha orm d'iarraidh gan pléascadh ar gháiridhe: tháinig ath-chumadh ar m'aghaidh is dath dubh nách mór d'iarraidh me féin do chosc. Fág snaidhm rothaigh ar an éill i slighe is gur féidir a scaoileadh gan duadh: go mbíonn lúb de thaobh di fé ghreim an taobh eile is nách gábhadh ach a ceann do tharrac nuair scaoileann sí. Cuirfidh an méid sin atá ráidhte leis snaidhm an ghaid ar a bhéal: fanfaidh sé ina thost gan baoghal: ní bheidh sé de mheisneach aige labhairt. Cuir glas-shnaidhm air: cor agus athchor dhá cheann córda, éille, téide etc. anuas ar a chéile tairngthe go dlúth. Snaidhm druadh í seo, téigheann sé díom í bhogadh: ceann atá thuas lé gliocas éigin: snaidhm Ghoirdiais. Bíonn a sparán fé shnaidhm aige: lán is gan fonn air é d'oscailt. Bhí na báid lán go snaidhm d'iasc: an oiread éisc curtha ionta agus b'fhéidir leo d'iomchar. Mara mbeadh snaidhm éigin do bheith air bheadh sé annso fadó: ceangal: coimeád. A bhuidhe lé Dia nílim fé shnaidhm ag neach so ná súd do dhéanamh: níl sé ceangailte orm. Bhí snaidhm aige orm chómh dian san go raibh orm a thoil do dhéanamh pé uair budh mhian leis é: ceangal. Is maith agus is lán-mhaith a theastóchadh snaidhm uaidh: stiall: buille. Is minic snaidhmeanna fachta aige, ach ní athruighid é: buillidhe chun a smachtuighthe. Cuir snaidhm cinn mhéire uirthi (téad etc.): an dá cheann do shíneadh lé chéile, a gcasadh ar an méir chun lúibe do dhéanamh, na cinn do sháthadh is do tharrac tríd an lúib sin. Ar thriontaidhthibh na hÉireann do bhí an dubh-shnaidhm ag na tighearnaidhibh talmhan má bhí ar éinne riamh: ceangal cruaidh. Bhíodar ag gabháil lé n-a chéile gan snaidhm na cléire: gan iad bheith pósta ón eaglais. Táid uile go léir sa tsnaidhm chéadna: sa ghreim chéadna. Snaidhm an fhigheadóra: dhá cheann an tsnáithín do shíneadh lé chéile, lúb do dhéanamh díobh is iad do tharrac tríthe go dlúth, daingean:

crúbóg. Cuireann duine snaidhm lé n-a bhéal ná féadann sé a scaoileadh lé n-a fhiaclaibh: geallann is ní fhéadann a chóimhlíonadh.

snaidhm na péiste: Snaidhm na péiste dhúbalta cuirtear ar ainmhidhe go mbíonn "piast" nó freangaidhe air, chun a leighiste – dhá shnaidhm fhairsinge agus cuirtear ceann amháin den gcórda tríd an dá lúib i slighe is nuair tairngtear é go scaoileann an tsnaidhm in ionad í do dhul i nglas. Dein snaidhm na péiste ar an ngamhain.

snaidhmeadh: *f.* (*snadhmtha, snaidhmthe*) cóimcheangal, cneasughadh, pósadh, etc. "Nár chuibhe dhi snaidhmeadh lé slibire slím-bhuadhartha": a beatha do cheangal leis. Deir an dochtúir go bhfuil an chos bhriste ag snaidhmeadh: cneasughadh, ag dul ina chéile. Chuir sé snaidhmeadh ar a bhéal: cor míchéadfadhach, etc. An eascú ghá snaidhmeadh féin tímcheall mo chos: ghá casadh féin. Tá snaidhmeanna gáiridhe orm agat: freangaidhe: brathaim mo chliabhlach tinn uatha.

snaidhmim: *b.a. 7 n-a.* ceanglaim, cuibhrighim, táthuighim, pósaim. Pioc den rath ní raibh uirthi ón lá shnaidhm sí leis: a phós sí é. Snaidhmfidh na cladhairidhe sin lé chéile id choinnibh: raghaid in aon bhuidhin. Cathain shnaidhmis leis an arm?: a luighis leis. Is baoghalach ná snaidhmfidh an chos go deó, bhí sí ró-fhada gan féachaint chúiche: ná táthóchaidh an cnámh: ná raghaidh ina chéile agus slánughadh. Snaidhmeadh na líonta dá chéile: ceangladh a dtéada etc. Is breágh an lá dhuit gur shnaidhmis do bheatha lé Dia mór na Glóire: gur luighis lé toil is oibreacha Dé do dhéanamh.

snaidhmin: *b.2.* an ball i dtosach báid nó luinge go dtagannna cláracha plainnc chun a chéile. Réabadh ó shnaidhmin go fosta í: ó sháil rinn: ó thosach deireadh.

snáithe: *f.4.* cóirdín an-chaol, mín d'ascartach chasta lín, chadáis, shíoda, etc., chun fuaghála do dhéanamh; sreanng; luid; gráine (adhmad). Níl snáithe den éadach air: luid: tá a chuid éadaigh go holc: stracaithe, stolta. Snáithe óir, olna, síoda, etc.: sreainngín chaol, mhín. Snáithe fada an tailliúra fhallsa: an droch-tháilliúir, cuireann sé an iomad snáithe sa tsnáthaid agus mar sin bíonn liobarnach. Snáithe fada an táilliúra is snáithe gearra na banabhairsighe: ní maith iad is ní seólta chun oibre. Faid agus mhairfidh snáithe díom ní ghéillfead: faid agus bheidh aon phioc díom lé chéile. Cuir snáithe féd theangain is ná bí ag rith leat féin: srian: coisc í. Níl snáithe an scéil fós agam: réim: cúrsa. Is luath do gearradh snáithe a shaoghail: d'éag sé. É ag imtheacht gan snáithe na mbróg air: cos-nochtaithe.

snáithín: (**snaithín**) *f.4.* snáithe, blúire dhe, féithleóg. Tá snáithínidhe an droma tairngthe asam ag an ualach: na féithleóga stracaithe as a n-ionad. Tá sé ar nós an tsnáithín: caol, mín, caithte. Cad a chuir na snáithínidhe ann?: rianta, stríocaidhe mar bheadh snáitheanna. Snáithín céarach: a bhíos ag gréasaidhe is ag dialladóir. Snáithín lín (deisiúcháin): a bhíos chun líonta do dheisiughadh. Chómh mín lé snáithín síoda: chómh tanaidhe, neamh-gharbh agus b'fhéidir do bheith. Tá snáithínidhe ins na prátaidhibh le n-a n-olcas: riastaidhe. Gheóbhfá snáithínidhe trís an saghas móna atá ann: préacha caola, laga. Snáithín crochta: snáithín chun lín do cheangal lé n-a théid: braighdín. Má bhí ag treasnaghail orm brisfir snáithín mo scéil: éirim: imtheacht: réim.

snáithíneach: *a.* féithleógach, préachach. Móin shnáithíneach: go mbíonn préacha ag fás tríthe.

snámh: *f.3.* do ghluaiseacht tríd an uisce lé corruighe géag, earbaill, earróg etc., do choimeád ar barr uisce; do bheith tuillte lé; snácáil; folumhain. Léan ar an síománaidhe, tá an bás ag snámh gach lá sa bhliadhain air: d'aithneófá air go bhfuil an bás ar bórd aige: ag gluaiseacht ar fuaid a chuirp mar bheadh eascú ag únshnámh: ag snácáil air. Cuireadh an bád ar snámh: sáthadh amach ar an uisce í. Raghad ar snámh: 'on uisce is gluaisfead thríd lé cómhacht mo chos is mo ghéag. Tar éis ionsaidhthe an bháid fé thuinn bhí raic go leór le feicsint ar snámh san ait: ag corruighe is ag imtheacht leis an sruth. Lá dá raibh buachaill budh mhó 'ná me ag tabhairt snámh geillín dom, sháidh sé mo cheann fé loch is chuir sé anbháthadh orm: lámh fém ghiall is ar mo cheann chun é do choimeád os chionn uisce. Tá an gort (áit, saoghal etc.) ar snámh tar éis na díleann: clúduighthe lé huisce. Caith dhíot, táir ar snámh: do chuid fliuch, báidhte. Leis an mbrothal is an strus bhí na fir ar snámh d'allus: brat trom alluis ortha. "An bhfuil airgead aige?" – "tá sé ar snámh ann": tuillte leis: mórchuid de aige. Ní shnámhann aon iasc agus é marbh ach an t-iasc go mbíonn an bolg snámha ann: lamhnán. Ní thaithnigheann in ao'chor liom na scamaill atá ag snámh laistiar: ag imtheacht ar an aer. Is iongtach an snámh atá aige: is féidir leis fanacht i bhfad ag gluaiseacht san uisce. Brathaim an-bhreóidhte, tá mo cheann ar snámh: mearbhall mór ann. Ná cuirtear aon nath sa duine sin, ná in aonnidh a dhéineann sé, tá a cheann ar snámh: meadhbhán lé haiteas ann: tá an iomad Éireann measa aige air féin. Tá míola ag snámh air: tá sé an-shalach ina chroiceann. Dá mbeadh orm é do shnámh do thiocfainn ar do thuairisc: chuirfinn duadh maith orm féin d'fhonn dul chughat. Bhí an oiread san ólta agam go raibh gach rud ar snámh rómham: ag corruighe mar bheadh ar uachtar an uisce. Cé ná raibh buille snámha aige d'fhan sé ar barr uisce: ná raibh a luighead eólais aige ar connus gluaiseacht tríd an uisce. Is annamh súd lacha gan dúil i snámh: mise, glacsam: nidh nách iongadh. Raghadh sé sa tsnámh chuige, tá an oiread san dúlach aige ann: raghadh i gconntabhairt a bháidhte chuige. D'fhan sí ceangailte ar an mbannc, ní raibh snámh aice: oiread uisce is d'árdóchadh í.

snamh: *f.1.* croiceann, coirt, fás, deallramh. Níl aon tsnamh ag teacht air, b'ait leat é is an biadh maith atá aige: snas: cuma. Ith é sin, cuirfidh sé snamh ort: bláthas: feóil ar an gcnámh. Níl aon tsnamh ag teacht ar an ngort: aon deallramh.

snámhach: *a.* claon lé snámh; tugtha do shnámh; éadtrom, seólta ar uisce. Earra snámhach seadh adhmaid, ní headh iarann: sé a nádúir snámh. Is snámhaighe corc ná adhmad: is éadtruime i mbarr uisce.

snámhadóir: *f.3.* duine nó ainmhidhe a shnámhas. Dá mbeinn im shnámhadóir chómh maith lé lachain ní thabharfainn fén bhfarraige sin.

snámhadóireacht: *b.3.* gníomh an tsnámha; únshnámh, snácáil. Mórán éisc ag snámhadóireacht ar linn an chuasa: ag gluaiseacht go mall tríd an uisce. Chonnaic sé airc luachra ag snámhadóireacht san bhfraoich: ag gluaiseacht ar nós na péiste. Ní mór an

deabhadh a dhein sé riamh ach snámhadóireacht: snácáil: gluaiseacht go mall, righin. Ní snámhadóireacht a dhéanfadh obair: righneacht is siléig.

snámhaidhe: *f.4.* snámhadóir; snácálaidhe. Snámhaidhe chómh breágh agus thum é féin riamh in uisce. Luathuigh! is ná bí id shnámhaidhe mharbh: snácálaidhe mall.

snámhaim: *b.a. 7 n-a.* gluaisim tríd an uisce lé cabhair mo ghéag; fanaim ar barr uisce. Snámhann an bád san go héadtrom: bíonn sí éadtrom ar an uisce. Shnámhfadh sé an mhuir bhraonach chúiche: raghadh treasna bóchna tríd an uisce lé fonn bheith ina haice. Ní shnámhfadh sí, tá sí ró-phollta: ní fhanfadh sí os cionn uisce. Ní mar fhéachann an long a shnámhann sí: ná tabhair breith ar an leabhar go n-osclair é. Shnámhfadh sé ar nós an chuirc: an-éadtrom. Shnámhfadh ar nós na cloiche: síos díreach. Snáimh (snámhaidh) nó súngcáil: fan ar barra, bain talamh amach nó báidhtear thu. Shnáimh gach aonnidh os chómhair mo shúl tar éis tuiteam dom: dar liom go raibh an uile rud ag corruighe fém radharc leis an mearbhall a cuireadh orm.

snamhaire: *f.4.* rud suarach, snadaidhe, duine gan smior, lútálaidhe. Tháinig an snamhaire agus dhíol sé an tigh ar phúnt breise tar éis margaidh do bheith déanta agam leis: duine a fheallas ar a luighead cao. D'eitigh sé cheana thu nuair bhís dealbh, anois téighir chuige id shnamhaire nuair tá airgead agat: lútálaidhe. Nuair budh dhóigh leat an snamhaire sin bheith ag gabháil soir is ag gabháil siar do bheadh sé: duine a cheileas a aigne go bréagach. Tar éis é do chaitheamh amach as a chuid talmhan chuaidh an snamhaire ag obair chun an té a rinne é: gan smior, gan fearamhlacht. Chuirfeadh an snamhaire déistean ort an tslighe a bhí sé d'iarraidh dul im chóir: duine sleamhain a bhíos ag ceilt a bheart. Amuigh ná i mbaile ní fheaca riamh é ach ina shnamhaire gan preab, gan pilibín ann: rud suarach, neamhanamamhail.

snamhaireacht: *b.3.* lútáil, iomchar suarach, neamhfhearamhail; neamh-meastamhlacht. Ní mór an mhaith dho a chuid snamhaireachta tímcheall orm-sa ní bhfaghaidh sé dadamh uaim: lútáil: bheith ag umhlaidheacht is ag sléachtaint. Cuirfir uait do chuid snamhaireachta ag imirt leis siúd, ní bhruicfidh sé lé haon lútáil uait: geáitsidhe is geámaidhe gliocais ar mhaithe leat féin. Leath nóiminte ní fhéadfainn foidhneamh lé snamhaireacht: camasghail fholuighthe: cníopaireacht.

snámhaithe: (**snáimhte**) *a.r.* curtha ar snámh; gabhtha trí áirighthe uisce. Is minic an abha san snámhaithe treasna agam: me tagtha treasna de shnámh. Caitheadh teicheadh as an gceanntar, bhí sé go léir snámhaithe: fé uisce tar éis tuile.

snámhán: *f.1.* seóladh nó snámh mall; máineáil; snácáil. Bhíomair ag snámhán linn lé leóithne beag gaoithe: ag seóladh go mall, réidh. Piastaidhe is feithididhe ag snámhán ameasc na gcloch: ghá dtarrac féin leó. Dar aindeóin bhí an béarla ag snámhán isteach eadrainn: ag sileadh. Sé a chúram bheith ag snámhán ó thigh go tigh: ag máineáil.

snámhánaidhe: *f.4.* duine nó ainmhidhe a ghluaiseas go mall, máineálaidhe; snácánaidhe. Téighir agus déin rud éigin duit féin is ná bí id shnámhánaidhe ó shráid go sráid: máineálaidhe díomhaoin. Congaibh do shúil ar an snámhánaidhe sin nó

chaolóchadh sé isteach i nganfhios duit: duine a éalóchadh ar rud nó ar áit gan bheith an-aireach air.

snámhghail: *b.3.* únshnámh, snácáil, gluaiseacht na péiste; ag imtheacht ar bharr gan cabhair uaidh féin. Bhraitheas cnuig fhéir ag snámhghail ar mo chneas: ag únshnámh ar nós na péiste. Fuacht diabhail éigin ag snámhghail ar mo chroiceann: mar bheadh ag leathadh fé ar fad. Aon deabhadh in ao'chor ní raibh dhá dhéanamh againn, díreach ag snámhghail: máineáil.

snamhtha: *a.r.* dí-chroiceannuighthe; dí-choirtighthe. Na seacha snamhtha ges na gabharaibh: an croiceann ithte aca díobh. Oráiste snamhtha: dhi-chroiceannuighthe. Tá an pháirc snamhtha go maith ges na caoiribh: ithte síos go dtín gcré.

snamhthach: *f.1.* túis fáis. Cuirfidh an leasughadh maith sin snamhthach ar an ngort: fás.

snaois: *b.2.* tobac brúighte, scríobtha lé sughadh trís an sróin. Ní fiú pins snaoise é: ní mór an tábhacht é. Ghaibh an roth tríom chois agus dhein snaois di!: mionramh. "Tobac agus snaois is ar mhnaoi an tighe a théigheann san": ní mór di iad bheith aice. Tá an talamh ina bhalc is an chré ina snaoi: cómh mín le púdar. Thuit sé ar an dtalamh uaim is deineadh snaois de: mionbhrúin.

snap: *f.1.* sciobadh, iarracht obann ar rud do ghreamughadh is d'árdách chun siubhail, greim do bhaint; seal gearr. Thug an madra snap orm is strac mo thriubhas: rug sé go hobann d'aon iarracht orm. Thug sé snap as mo bhéal ar mo phíp: iarracht ghrod, obann fúithi is d'árduigh leis. Bíonn gach aon tsnap sa bhaile orm: bítear grod, goirgeach liom. "An raibh aon iasc agaibh?" – "bhaineamair snap as": ádhbhar nár cheart dúinn bheith gearánach air. Tá snap maith bainte aige as: a cheart, tamall maith is gan aon rud caillte aige leis. Dhein sé snap codlata: seal gearr. Níl aon rud a bhíos ar siubhal ná go mbíonn a shnap aige de: cuid. Ná tabhair snap orm, ní fhoidhneóchainn leis: ná tabhair sclaimh orm: ná habair rud grod liom. Scaoil isteach an t-ainmhidhe ann, gheóbhaidh sé snap féir ann: greim. Thabharfadh an madra san snap ort, seachain thu féin air: bhainfeadh greim asat.

snapadh: *f.* (*-ptha*) sciobadh, breith nó greamughadh go hobann. Ag snapadh na píope as mo bhéal: ghá sciobadh. Ag snapadh nuair fhéadann sé é: ag sciobadh: ag greamughadh go hobann is ag árdach leis. Beidh snapadh ar phlúr nuair gheóbhaid an chao air: sciobadh: tógaint mhear. Budh chonntabharthach an snapadh é: iarracht ghrod idir dhá linn: sciúird. Bíonn an madra san ag snapadh ar dhaoinibh: ag breith go hobann. D'iarr sé ar Dhia an bás ghom shnapadh: d'árdach chun siubhail go hobann. Ná bí ag snapadh an bhídh ós na daoinibh: ghá sciobadh.

snapadghail: *b.3.* breith ghrod, obann; greim annso agus annsúd. Suidh, b'fhéidir go bhfaghfaí snapadghail bhídh, cé ná fuil puinn againn: greamatghail. "An bhfuil aon fhéar ar an ngort?" – "níl ach snapadghail": greim annso is annsúd. Labhair go mín is ná bí ag snapadghail ar na daoinibh: ag labhairt go grod leó: chómh luath agus osclaid a mbéal rud éigin grod do rádh leó. Is minic sin ag snapadghail ar a chéile iad: ag tabhairt fogha

teangan fé chéile. Ná bac snapadghail oibre mara bhfaghadh duine obair sheasamhach: seal anois is airís.

snas: *f.3.* néatacht, críochnamhlacht, líomhacht críochnuighthe, gléas; deallramh, an saghas meirge nó salachair liaith a bhailigheas ar fhallaidhibh, bhiadh, phras: "clúmh" ar chlochaibh, etc., connlach. Tá snas ag teacht orm ó cheal oibre: meirg. Tiocfaidh snas ar do chuid airgid, tá oiread san agat de agus tu chómh ceanamhail air: clúmh liath 'e cheal aon áise do bhaint as. Tagann snas ar fhéar a bhíos ina luighe ar a chéile ró-fhada gan corruighe: smúit liath-bhán. Ní thiocfaidh aon tsnas ar an dteangain aige: bíonn sé ag síor-chainnt. An snas atá ar na carraigeachaibh ann lé fiadhantas: caonach fásta ortha ón sín. Bhí an t-arán an fhaid sin gan itheadh go dtáinig snas air: clúmh liath-bhán. Nách fada go bhfuil aon tsnas ag teacht air tar éis na breóidhteachta: cuma dheallramhtach. Ní bhfaghaim aon tsnas ar do chuid chainnte: ní thaithnigheann sí liom: an rud adeirir ní théigheann sé ina luighe orm. Siúd í an bhean go bhfuil an snas uirthi: deallramh a thaithneóchadh leat: gur bh'áil leat gach nidh a dheineann sí. Chuir sé snas ar an dtigh is a bhfuil ann ó tháinig sé ann: deallramh is cuma: slacht. Sin í an chainnt go bhfuil an snas uirthi: deallramh: fuaimeant léi. Cuireann an chulaith nuadh snas ort: tugann sí breis dheallraimh ort. Itheann sé an t-aimeón bídh agus is beag dá shnas air: dá rian. Tháinig snas an bhéarla ar a chuid cainnte ó fhág sé an tigh: crot: blas. Is é is fearr chun snasa do chur ar scéal: aithris a thaithneóchadh lé n-a lucht éisteachta. Is iongtach an snas atá ar a chroiceann: an deallramh glan, sláinteamhail. Má chuirir smeara ar do bhrógaibh cuirfidh sé snas ortha: gléas.

snasach: *a.* clúmhach, lán de chaonach, gléasta, néata, triopallach, deascnuithte. Eisean a bhíodh chómh giobalach, cad thárlaidh é do bheith chómh snasach: néata. Fuaireas bonn airgid sa chré, ach níor bh'fhéidir liom a dhéanamh amach cad a bhí ann bhí sé chómh snasach san: bhí an oiread san clúimh liaith bailighthe air. Tá an t-arán so snasach a dhóthain, duine maith a íosfadh é: "féasóg" liath tagtha. Caithfear an féar snasach do chrothadh sara n-itheann aon rud é: go mbíonn smúit liath-bhán air lé haois. Ní fheaca riamh é ná go mbeadh bróg shnasach air: néata, gléasta.

snasmhar: *a.* dathamhail, gléasta, niamhrach, deagh-chríochnuighthe, órnáideach, taithneamhach, blasta. Bíonn an tigh chómh snasmhar aice go mbíonn sé oireamhnach do rí: néata: gach rud go glan gléasta in oirear. Tháinig cainnt shnasmhar uaidh nuair dubhairt gur chóir an dream a árduigheas luach earraidhe lé linn na broide seo do lámhach: go raibh blas uirthi: go raibh an fhírinne innte. Anois go bhfuil an t-éadach nuadh air, tá cuma níos snasmhaire air: níos taithneamhaighe: is fearr a thaidhbhsigheann sé don súil. Scríobh an-shnasmhar atá aige, is olc an té ná léighfeadh é: deagh-chúmtha: taithneamhach leis an súil. "Connus tá gach aonnidh leat-sa?" – "go snasmhar": iad i ndeallramh is me sásta leo. Cuma shnasmhar ar an gcapall san: córach. Éan snasmhar seadh an colúr tuinne: córach, deagh-dhathach. Ní bhfaghaimíd feóil an bhúistéara chéadna chómh snasmhar is gheibhimís: chómh blasta agus bhíodh. Is maith snasmhar atá an baoite curtha ar do dhubhán agat: néata: i slighe gur deacair locht d'fhagháil air.

snasta: *a. n-dh.* go gclódh taithneamhach, deagh-chúmtha, deagh-chríochnuighthe, gléasta, dathamhail, beacht, líomhtha, greanta, béascnach. Is snasta an bórd é sin, is

dócha gur mór é a luach: é déanta go maiseamhail agus taidhbhsigheann taithneamhach don súil. Tugann smeara cuma shnasta ar leathar: glan, glé, taithneamhach. Bean an-shnasta ar gach slighe í ina pearsain is ina cúram: niamhrach lé féachaint uirthi is críochnamhail, slachtmhar ina cúram. Níor chuala riamh fear budh shnasta ina chómhradh 'ná é: budh bhéascnaighe: múinte. Labhrais go snasta, ní raibh neach láithreach ná raibh sásta: taithneamhach: go líomhtha agus ar chuma dob áil léd lucht éisteachta. Budh shnasta liom bheith id chuideachtain-se 'ná i gcuideachtain éinne eile: budh mhó budh shásta liom. Uaireadóir snasta í sin agat, tabharfaidh sí seasamh maith uaithi: greanta: órnáideach. Obair shnasta a dheineann sé lé n-a chasúr, is deas é fear na céirde: greanta.

snáth: *f.1.* snáithe. Tá snáth do shaoghail briste: cúrsa: an cúrsa beatha a bhí fút do leanamhaint. Gamh-shnáth: snáithín láidir. Ní raibh an dath ar maidin agat ná súil leis, anois tá do dhóthain agat, táir i mála an tsnáithe ghil: tá an t-ádh ort.

snáthach: *f.1.* snáithín ina charn. Snáthach an lín; chuaidh snáthach an lín ar cheann na péiste is níor bh'fhéidir léi corruighthe: cuid mhór, mhaith dhe.

snáthadh: *f.* (*-thta*) do chur snaithe, nó snaithín. Ag snáthadh na snáthaide: ag cur taointe ina ródh.

snáthad: *b.2.* úirlis fuaghála, fada, caol, bioruighthe, géar, cruinn agus ródh nó súil sa cheann reamhar di; an biorán i gclog nó i gcompás; aon rud fada caol cosamhail lé snáthaid. Snáthad lín: fearas déanta d'adhmad éadtrom tanaidhe tímcheall dhá ordlach ar leathad, ceann de cruinnighthe mar tosach báid, scoilt tamall amach is teanga bheag ann go gcastar an snaithín tímcheall uirthe agus a beirtear siar chun a chasta tímcheall ar theangain bhig adhmaid i scoilt eile; ar gach corruighe siar 'saniar leis an snáithín iompuightear ó thaobh taobh an tsnáthad. Agus é do bheith istigh i muileann ní chuirfeadh sé faic ar an gcnámh aige, beidh sé chómh caol lé snáthaid: caol, lom, bocht. Na heascúin a bhí againn ní raibh ionta ach snáthadaidhe: eascúin an-chaola. Dá mhéid an toirt atá innte ghaibh sí trí "chródh na snáthaide": tugtar so ar fhuinneóig chaoil i mbinn fothraighe sean-chille. Ní shiubhalóchadh éan ann bhí gach cloch aca chómh géar lé snáthaid: árd-ghéar. "Agus airís adeirim ribh gur ab usa do chamall dul tré chró na snáthaide ná do dhuine saidhbhir dul isteach go flaitheamhnas Dé" (Matha XIX. 24). Tá culaith ón snáthaid air: nuadh glan. Gheóbhadh sé trí chródh snáthaide dhuit: an-chaol. Raghadh sé trí chródh snáthaide uait: tá eagla an domhain aige romhat. Ní fhéadfadh aon neart do bheith ann ar na snáthaididhibh cos atá fé: cosa loma, caola. Cad é an treó go bhfuil an tsnáthad anois? ó thuaidh?: biorán an chompáis. D'imthigh an tsnáthad bheag den gclog: biorán na huaire. "Snáthad is snáithín a fhuaghfadh mo mháilín": deirtear nuair bítear ghá lorg.

snáthadach: *a.* ar nós na snáthaide; an-chaol; seang. Slatadh fada snáthadacha atá ag fás ann: éadtrom, caol. Barra snáthadach ar gach carraig díobh: caol, géar.

snáthóir: *f.3.* fear déanta snáithe.

snáthóireacht: *b.3.* do dhéanamh snáithe. D'imthigh ealadha na snáthóireachta.

sneachta(dh): *f.1.* gal reóidhte sa spéir agus a thuiteann ina chnapánaibh geala nó ina lóipínidhibh ar an dtalamh; dath gléigeal; neamhshuim. Thairngeóchadh súgán sneachtaidh 'on áit é: aon leathscéal in ao'chor: ní gábhadh dho cuireadh ná iarraidh chun teacht. Thug sé an oidhche airéir ag cur sneachtaidh: é ag tuiteam. A snódh chómh geal lé sneachtadh na haon oidhche: geal gléigeal. Cloichshneachtadh: cnapáin bheaga leac oidhreach ag tuiteam ar nós na báistighe. An sneachtadh lóipín ag seóladh tríd an spéir chun na talmhan: pleidhcidhe beaga, boga. Muc-shneachtaidh: cnapán mór, toirteamhail sneachtaidh a deintear ó bheith ghá liathradh tríd an mbrat sneachtaidh. Olc síon an sioc, is fearr sioc 'ná sneachtadh, agus is fearr sneachtadh ná síor-bháisteach. Spéartha dearga soir sneachtadh go glúin fir. Ní buan sneachtadh ar chraoibh ó Lá Fhéile Brighde amach. Bean shnasta ar gach cuma dob eadh í, bhíodh léine chómh geal lé sneachtadh ar a fear aice lá na saoire: geal glan ar fad. "Cá bhfuil an t-airgead ar fad a bhí agat?" – "cá bhfuil sneachtadh na bliadhna anuiridh?": leachta. Ná bí ag brath ar thaise uaidh siúd, tá a chroidhe chómh fuar lé sneachtadh: fuar neamhshuimeamhail. Flichshneachtadh is ní maith é: sneachtadh go mbíonn báisteach tríd. Chuirfidís amach sa tsneachtadh thu: dream gan aon rian truaighe ná taise. Nuair rugas ar a láimh fuaireas chómh fuar lé sneachtadh í: gan aon rian teasa. "Má nighim me féin lé huisce sneachtaidh agus mo lámha do dhéanamh chómh glan nách rabhadar ariamh" (Iob IX. 30): an sneachtadh agus é leachta. Lá coscartha an tsneachtaidh an lá is fuaire: an lá bíonn sé ag leaghadh. A cneas chómh geal leis an sneachtadh séidte: é chómh bán is d'fhéadfadh do bheith gan teimheal na talmhan. "...má tá go bhfuil bhur bpeacaidhe amhail corcra beid chómh geal lé sneachtadh": maithfear ó phréimh iad. Ceann chómh geal leis an sneachtadh. Maidean, lá, oidhche, aimsir, cioth sneachtaidh: go mbíonn sé ann.

sneachtamhail: *a.* an-gheal, de ghné an tsneachtaidh. Aimsir shneachtamhail: go mbíonn sé ag tuiteam. Sléibhte sneachtamhla: gur gnáthach leó é bheith ortha.

sneádhach: *a.* lán de shneádhannaibh, ar nós sneádha. Nigh an ceann sneádhach san ort: go bhfuil uibhe míol ann: lán d'fheithididhibh míolacha sneádhanacha. Corp sneádhach: an-shalach ar fad.

snidh: *b.3.* (*-neádha*) míol beag cneasa. Tá sneádha id cheann. Ní raibh sneádha ann: oiread an frighe.

snighe: *f.4.* sileadh, rith mar sruth, snácáil. An abha ag síor-shnighe léi chun na mara: ag gluaiseacht ar a cúrsa. An slimide ag snighe suas taobh an chlaidhe: ag snácáil. An bháisteach ag snighe isteach fén bhfalla: ag éalódh. An braon beag atá ann ag snighe anuas ar an gcarraig: ag sileadh go mall. An eascú ag snighe léi tríd an bhféar d'iarraidh na habha do bhaint amach: snácáil. Is eagal liom go bhfuil an bás ag snighe air: ag snámh.

snighim: *b.a.* ₇ *n-a.* rithim (mar uisce), silim, snácálaim, fáiscim (lámha), brughaim (croidhe). Snigheann sé mo chroidhe istigh ionam bheith ag féachaint air ag caitheamh a chuid airgid ar dhigh: brúghann: cuireann sé brón orm. Snigheann an abha sall agus anall tríd an gcurrach: gluaiseann sí go mall mar seo agus mar siúd: casann is ath-chasann.

Snigheann an bháisteach isteach fén bhfuinneóig: éaluigheann. Leathann uisce an tobair amach agus snigheann anuas cliathán na faille: sileann.

sniog: *b.2.* sáthadh, corruighe obann, braon, diúir. Thug sé sniog dá cheann siar gur dh'fhóbair go mbrisfeadh a mhuineál: sáthadh grod. Níl sniog ag an mbuin, tá sí i ndísc: diúir, braon. Níl sniog ar thóin an bhuidéil ina dhiaidh: braon beag. Níl sniog ann, tá sé fuar: tá sé marbh. Tabhair dom sniog bhainne lé cur ar an dté: braon.

sniogadh: *f.* (*-gtha*) an chuid dhéidheannach den mbainne in úth na bó; do chrúdhadh na coda déidheannaighe den mbainne; diúgadh. Níl aice ach an sniogadh ní fada ó dhul i ndísc í: fíor-bheagán bainne. Bain an sniogadh den mbuin: an fhuighleach a fhanas tar éis a crúidhte. Oiread is leath-phingne ruadh níl anois aige, nách mór an sniogadh atá déanta ar a chuid airgid: an t-ídeach: an tarrac air go neamhshuimeamhail. An amhlaidh atá fonn oraibh é do shniogadh ar fad, ar fad: bheith ag scamhaireacht air go gcaitheann sé an fheóirling dhéidheannach oraibh. Ag sniogadh na mbó: ghá gcrúdhadh.

sniogaim: *b.a.* crúdhaim go dtín braon déidheannach, diúgaim; meallaim a chuid ó dhuine. Sniog an bhó: bain na braonaidheacha dhi a fhanas tar éis na srutha sine do stad. Bhí scata mór aca ag ól is ag itheadh air, gur sniogadh go maith é: gur scaradh é lé n-a chuid. Sniogfaidh an cogadh so na tíortha: dísceóchaidh dá gcuid ionmhais iad. Sniogaimís é: díscighimís: meallaimís a chuid uaidh: déinimís dallamallóg do chur air, go gcaithidh sé orainn é.

sniogtha: *a.r.* díscighthe ó bhainne; crúidhte. Scaoil amach ar an bhféar na ba, táid sniogtha: a raibh de bhainne aca crúidhte uatha. Táim sniogtha tar éis mo dhá lae ráis: mo chuid airgid ar fad imthighthe go breallach. Cé a bhéarfaidh cabhair ort nuair ná beidh agat ach pócaidhe sniogtha: pócaidhe folamha. Tá an buidéal sniogtha: an uile bhraon ólta.

sníomh: *f.1.* ₇ *3.* (*-tha*) abhras do shíneadh is do chasadh ina shnáth nó ina thaointínidhibh; do chasadh ar a chéile mar dhéanamh córda, gaid, etc.; do chasadh tímcheall; do dhéanamh giascáin (mar adhmaid); buaidhreamh, coimheascar, cás. Bean sníte (snímh, sníghte): bean abhrais: bean a ghníos taointidhe snáithín den abhras. Dhéanfadh an bhean san móran snímh (sníghte): mórán snáithín as an abhras. Toisc ná raibh a clann ag filleadh ón bhfarraige agus a olcas do bhí an oidhche bhí sníomh ar a croidhe: buaidhreamh, míoshuaimhneas gur mísheól d'éirigh dóibh. Tá mo chroidhe dhá shníomh agat leis an slighe bhír ghod mhí-iomchar féin: dhá bhuaidhreamh: dhá ghortughadh. Níl puinn i dtóin a shníghte anois ar a bhfuil de dhuadh air: ní mór eile an seasamh ná buancas atá ann. Thug sé a raibh i dtóin a shníghthe: a raibh de neart ina chodladh ann: i dtaisce ann. Bíonn sníomh an domhain lé n-a ghéagaibh air: casadh is ionnramháil. "Connus tá an leabhar ag éirghe leat?" – "táim ag sníomh leis": ag gabháil de ar mo dhícheall. Riamh faid is cuimhin liom, a dhuine chóir, is ag sníomh leis an saoghal atáim: ag coimheascar d'iarraidh maireachtaint. Nuair chríonann an tslat is deacair í do shníomh ina gad: is deacair a lúbadh agus a casadh tímcheall ar a chéile ina coraibh. Bheadh truagh agat di ag lógóireacht is ag sníomh a bas: ag bualadh is ag fáscadh. Bhí sé dall ar cár thug sé a aghaidh i ndiaidh an bhuille bhí a cheann ar sníomh:

ag casadh tímcheall: guairneán is mearbhall ann. Bhodharfadh sníomh áidhbheil a crann 'sa slat lé fóirneart an ghála thu: an strus go raibh cnagarnach aige. Táid ag sníomh a chéile amach, lé síor-thuargaint is ionsaidhe: ag tnáthadh: traochadh. An abha ag sníomh léi go rúnda chun na mara: ag snámhcán: ag gluaiseacht 'sag casadh sall agus anall. Suidhte in iargcúlacht na gcarraig ag sníomh a dhán: ghá gceapadh.

sníomhachán: *f.1.* an méid a snightear (sníomhtar), casadh, iompódh. Bean shníomacháin: banabhairseach. Is iongtach an sníomhachán do bhanabhairsigh chúig feirste snáithín i gcinn an ló. Ar chearn do chuirtí an sníomhachán: an méid a bhíodh lé sníomh nó sníghte. Sníomhachán dubháin alla: gréasán.

sníomhadóir: *f.3.* duine a shníomhas. Sníomhadóir maith mná. Buadhann an dubhán alla ar shníomhadóiridhibh an domhain uile: is é is mó agus is cliste chun taointe.

sníomhadóireacht: *b.3.* do chur casadh i snáithín; do dhéanamh snáithín den abhras; do dhéanamh gréasáin. Is éachtach an tsníomhadóireacht a dheineann dubhán alla: an socrughadh is an t-eagar do chuireann ar shnáithínidhibh. Maireann sí ar shníomhadóireacht: ar shnáithín do chasadh lé túirne as olainn cárdálta ina roithléithidhibh. Cad í an tsníomhadóireacht atá ort léd ghéagaibh ach tarrac air: casadh is geáitsidhe dhá bhaint asta.

sníomhaim: *b.a. 7 n-a.* casaim ina snáithín; cuirim cor ann, cornaim, taoinim, dualaim, fíghim. Is iomdha slat áluinn ná sníomhann: ná lúbann chun gaid do dhéanamh. Sníomhtar roithléithidhe lé túirne. Nuair chríonann an tslat ní sníomhann sí: ní fhoidhnigheann sí cor do chur innte: briseann sí. Aon ósbairt d'éinne chloiseann sí sníomhann sí a lámha: faisceann is greadann. Shnígh an eascú mhór a hearball tímcheall an mhaide go mbeadh buannacht aice gan leigeant di corruighe dá haindeóin: chas sí go dlúth. Nuair bhíonn slapar gas ann sníomhaid lé chéile sa chlais: casaid ar a chéile. "Agus créad fá a bhfuiltí róchúramach a dtímcheall bhur gculadh? foghlomaidh cionnas fhásaid lilighe an mhacaire, ní dhéanaid siad saothar agus ní shníomhaid siad" (Lúcás XII. 27-27): ní chasaid snáithín i gcóir éadaigh do dhéanamh. "Agus na huile mhná do bhí glioc-chroidheach do shníomhadar lé n-a lámhaibh agus thugadar leó an nidh do shníomhadar araon do ghorm agus do phurpuir agus do chorcra agus do línéadach fineálta" (Ecs. XXXV. 25). Níl aon fhocal goirgeach ó shoin ná gur shníomhaidh tríom: ghaibh tríom ghom ghonadh. Shníomhadh sí a folt: cíoradh é agus dhéineadh dlaoithe trí gcor de. Sníomhann sé a ghéaga ró-mhór nuair bhíonn sé ag iascach: bíonn sé siar 'saniar leo ghá n-ionnramháil.

sníomhtha: *a.r.* casta ina shnáithín, casta, táthuighthe, in achrann. Slámtha, cíortha, cárdálta, sníomhtha: gabhtha léi trí gach ionnramháil chun a fighte. Is tú an gad sníomhtha: gur deacair a scaoileadh: duine gur deacair a léigheamh. Nílid chómh sníomhtha lé chéile is leigid ortha ar an bpáipéar: d'aon bhuidhin.

snoidhe: *f.4.* greanadh, do chumadh lé húirlis ghéir, do bhaint sciolpaidhe lé sciain nó úirlis eile; caitheamh; do dhul i ndearóile. Cad dob áil leat ag snoidhe mo bhúird is ghá lat léd sciain: ag baint sciolpaidhe dhe. Níl ann ach an scrogall 'san t-iogán ag snoidhe, tá

sé ag gabháil de le fada: eitinn: caitheamh: galar caithte na scart, etc. Ní bheinn ghom shnoidhe féin leat ag tabhairt cómhairle dhuit ná glacfá is nách fiú thu: ghom chaitheamh féin lé himshníomh id thaobh. Táid ag snoidhe a chéile amach ar an dtalamh, ar an muir agus ins an aer: ag caitheamh 'sag claoidhe a chéile. Tá an obair trom is an chaolchuid bídh ghom shnoidhe: ghom chaitheamh: ghom lomadh is ghom lagughadh. Dá mhéid a bhfuil de bhiadh istigh againn tá sluagh mór-ghoileach againn chuige ná beidh i bhfad ghá shnoidhe: ghá laigheadughadh. Ní fada mhairfidh sí agus a dícheall do dhéanamh tá an t-aos mór aice agus í ag snoidhe léi: ag caitheamh is ag dul chun deireadh. An oiread san dúlach i dtobac aige go bhfuil sé ag snoidhe anuas des na cnámhaibh chuige: ag caitheamh: fonn buile air chuige. Nách luath atá do chulaith ag tosnughadh ar shnoidhe: an bhruth ag caitheamh uirthi. Caithfear cur i ndiaidh na mbróg san ort, tá an tosach ag snoidhe aca: ag caitheamh. Tá an téad ag snoidhe as a ceann, cuir snaidhm uirthi, ag feóghadh ina blúirín is ina blúirín. Ag snoidhe dealbh as chloich lé suiseál is tuairgín: ag gearradh is ag cúmadh. "Agus a dubhairt an Tighearna re Maoise, snoigh dhuit féin dhá chlár cloiche mar na céad chláir etc.": gearraidh amach na clocha i bhfuirm dhá chlár. "Agus a ngearradh cloch, dá gcur, agus a snoidhe adhmaid do dheineadh gach aon ghné oibre eólaigh" (Ecs. XXXV. 33): greanadh: do ghearradh agus do chúmadh i bhfeirm áirighthe, nó go hórnáideach. Ní mór an mhairg a chuireann sé air sin an lá do shnoidhe: do chaitheamh go fuairthéach. Ag snoidhe mo mhéar d'iarraidh soláthar díbh is gan meas madra agaibh orm: ag caitheamh lé dian dian-obair. Chuimil sé an peann luaidhe den gcloich chun í do shnoidhe: barra mín, caol do thabhairt uirthi. Ag snoidhe ceann a chéile, go saoraidh Dia sinn, lé n-a gcloidhtibh: ag gearradh go doimhin. Thugais an iomad snoidhe don mbórd leis an bplána: bhainis de. Ag snoidhe an chipín le n-a sciain, cómhartha an díomhaointis: ag baint scughacháin is sciolpaidhe dhe.

snoidheachán: *f.1.* greanadh, an sciolpadh éadtrom do baintear anuas lé sciain nó úirlis ghéir eile, an bearradh. Chuaidh spréach sa tsnoidheachán a fhan i ndiaidh na plánála is chuaidh an áit trí theineadh: an bearradh: na sciolpaidhe beaga, éadtroma, tanaidhe. B'fhearr leis bheith ag snoidheachán lé n-a sciain ná aon rud tairbheach do dhéanamh dho féin: ag sciolpáil adhmaid.

snoidheadóir: *f.3.* greantóir; duine a ghearras agus a chumas fuirmeacha nó órnáideacha lé sciain, suiséal nó uirlis ghéir eile; dealbhthóir. Snoidheadóir feóla: inneall chun feóla do ghearradh ina sciolpaidhibh tanaidhe. Snoidheadóir leacht: duine a chumas cloch cinn i gcrotaibh áirighthe. Níl aon tsnoidheadóir mar an saoghal: is é is fearr chun duine do mhíniughadh dá mhéid fuadar a bhíos fé.

snoidheadóireacht: *b.3.* gearradh, greanadh cloiche nó adhmaid lé húirlis, sciolpáil. Ag snoidheadóireacht ar an ndola lé meilit scine: ghá luigheadughadh is ghá chaolughadh lé sciolpaidhibh do bhaint de. Snoidheadóireacht adhmaid an cheárd atá aige: greantóireacht: ag cumadh deilbhe rud éigin air nó as. Choidhche ní bhrisfeá an charraig sin, ní fhéadfá do dhéanamh léi ach bheith ag snoidheadóireacht uirthi: ag baint mion-bhlúiridhe dhi.

snoidheagar: *f.1.* gearradh lé tuaigh, sciolpáil, greanadh, líomhadh, coimheascar, eadragán. Ná bíodh aon tsnoidheagar agat leó san, má thógair mo chomhairle-se, ní maith

an geamhar iad: baint: cur isteach. Bím ag snoidheagar leis an saoghal chómh maith agus d'fhéadaim: ag coimheascar: d'iarraidh mo shlighe do dhéanamh tríd.

snoidhim: *b.a. 7 n-a.* caithim lé strus, aimsir, gearradh, sín; sciolpaim; greanaim, dealbhaim lé suiséal, etc., géaruighim. Snaoidhfidh bliadhain eile ar an dtiomáint áidhbhéil seo na cómhachta cogaidh: caithfidh: imtheóchaidh an bhrigh asta i ndiaidh a chéile: tráighfidh a neart. Snaoidhfir chuige: an oiread san dúlach ann nó fonn ort chun ruda go lomfair: ná fanfaidh spiota fiadha ar na cnámhaibh agat. Snoidhfead a scartacha dho, abair leis, a luaithe agus gheóbhad greim air: casfad is stracfaid iad. Snoidhfidh barra do bhata ón dtalamh mara gcuirir biana air: caithfidh sé: smutfaidh sé i ndiaidh a chéile. Snoidh an dola, tá sé ró-reamhar don bpoll fós: bain scughachán de lé sciain nó eile. Ná snoidh do cheann lé bheith d'iarraidh é sin do mhúineadh, tá sé chómh dúr lé sean-asal: ná caith díreach mar chaitheann capall a chruite lé hobair. Ní shnoidhfidh sé amach an lá leis an méid airgid atá aige, níl aon ghreim aige air: ní chaithfidh sé é: ní chríochnóchaidh. Snoidhfead an leathar de lé faobhar mo theangan: gearrfad é lé haor. Nách áidhbhéil mar shnoidh sé, ní mór go bhfuil a dhealbh san éadach, duine a bhí chómh cothuighthe láidir mar é: mar lomuigh sé: chuaidh sé as. "Is mór é mo chionn do", ar sise, "go snoidhfinn mo mhéireannta dho": go n-oibreóchainn chómh dian, dícheallach san ar a shon go n-imtheóchadh a mbarraidheacha ina smutaíbh lé duadh saothair. Tá an oiread buaidheartha beartha air is a shnoidhfeadh fiche duine: a thraochfadh is a chlaoidhfeadh iad. Ná snoigh an bata san, tá sé lag a dhóthain cheana: ná héadtromuigh é lé baint de. Bíonn sé ag gabháil de gach ceap cloiche go snoidheann sé i ndeilbh is mian leis í: go ngreanann: ullamhuigheann. Snoidhidh libh an t-arán, is cuma liom-sa, mara bhfuil aon chuimhneamh ar an lá ambáireach agaibh: bídh ghá ghearradh ina sciolpa is ina sciolpa: ná bíodh aon truagh agaibh do. Snoidheann sé na clocha cúinne chómh greanta le n-a shuiséal: dealbhuigheann iad: ceapann.

snoidhte: *a.r.* gearrtha, cúmtha, ceapuighthe, dealbhuighthe, caithte, lomuighthe, léirighthe, tnáidhte; néata, dathamhail, niamhrach. Cloch shnoidhte: gearrtha: ullamhuighthe. Táim snoidhte isteach go dtín cnámh d'iarraidh maireachtaint: caithte: tá mo chnámha lom ó strus is imshníomh. Tá sé snoidhte go dtín an cnámh chun éisc úir: ithte le dúil ann. Barra na téide snoidhte toisc gan snaidhm do bheith uirthi: é bheith ag caitheamh ina blúiridhibh beaga. Tá an mí seo snoidhte orainn, níl ann ach trí lá eile is gan faic déanta againn: caithte amach. Tá an ghruaig snoidhte ar do cheann: táir imthighthe maol. Cailín breágh snoidhte: deagh-chumtha. Tagann cainnt shnoidhte uaidh i gcómhnaidhe ar an gcogadh: fuaimeantamhail: deallramhtach. Is snoidhte an cheannaghtha atá air: gartha: deagh-chumtha. "Agus má ghní tú altóir chloiche dham, ní thógfair í do chlochaibh snoidhte; óir má thógann tu th'uirneis suas uirthe do thruaill tú í" (Ecs. XX. 25): gearrtha. Is snoidhte snasta atá an leitir sin scríobhtha agat: curtha lé chéile agus críochnuighthe go taithneamhach, greanta. Culaith snoidhte air chómh maith agus thiocfadh ó mhéir aon tailliúra: gearrtha, fuaighte, críochnuighthe chómh slachtmhar is d'fhéadfaí.

snoidheacht: *b.3.* néatacht, taithneamhacht, greantacht, snastacht is deaghchúmacht; caithteacht, léirightheacht, luimeacht, truaillightheacht cuirp. Lé n-a snoidheacht is gnáthach lé mnáibh bróga do thoghadh: snastacht, córaidheacht is críochnughadh. Chuir

snoidheacht na deilbhe a bhí ceapuighthe lé sciain aige iongadh ar a bhfeacaidh é, ní bhfuaireadar aon lúb ar lár ann: córaidheacht is taithneamhacht na slighe a bhí sí greanta cúmtha. Dearbhuighim duit go gcaithfeá seasamh annsúd ag amharc snoidheacht a ceannaghtha lé n-a taithneamhthacht: garthacht: an clódh áluinn cúmtha, córach a bhí uirthi. Ní aithneóchainn é lé n-a shnoidheacht, ní mór go raibh a thamhas ann: caithteacht, luime. Téigheann an tsnoidheacht i nduine leis an aois: an caitheamh: connluigheann an corp is seargann na baill. Ar a shnoidheacht is bhí an talamh budh bhaoghalach liom ná cothóchadh sé puinn ainmhidhthe: luime: an féar ithte dhe nó gan fás air. Ní dhéanfadh breis bhídh aon díoghbháil do ar shnoidheacht a chorrán: a luime. Is gránda í an tsnoidheacht, féach mé ná féadfainn breith ar scilling: an luime: an bhochtanacht. Ní fhéadfadh puinn nirt bheith san tsnáithín ar a shnoidheacht agus tá sé: caithteacht: luimeacht: caoile. Ag dul i snoidheacht atá an biadh ó ló go ló: i ngainne is i luighead. Ar shnoidheacht an chorcáin tá sé i bhfad in áis: caithteacht: an chuma nuadh imthighthe dhe is cuma na haoise ina hionad.

snuadh: (**snódh**) *f.1.* deallramh, gnáth-dheallramh, dreach, gnúis, éagcosc, dath agus creat na haghtha. Pé slighe bhraitheann sé tá snuadh maith air: dath agus cneas maith. Déarfainn ná fuil an saoghal ar fheabhas aige níl aon deagh-shnuadh air: ní thaidhbhsigheann sé go maith. Ní tháinig a shnuadh féin air riamh ó shoin ó fuair sé an taom gránda breóidhteachta úd: a dhath is a chroiceann. Tabharfaidh an braon báistighe malairt snuaidh ar an gcuradóireacht, imtheóchaidh an dath feóighte dhíobh: malairt deallraimh. Is ort atá snuadh an bhídh: deallramh go bhfaghair biadh maith agus go dtéigheann sé chun do mhaitheasa. “Budh dheirge a gruadh ná an rós, budh ghile a snuadh ná eala ar tuinn”: dath a cneasa. Thug an samhradh snuadh na gréine ort: dath crón-bhuidhe. An bhfuil snuadh an earraigh fós air?: an chuma nádúrtha. Chuaidh an ghrian ró-dhian ar an gcuradóireachta ní dócha go dtiocfaidh sí chun snuadha (snóidh) in ao’chor: go dtiocfaidh a crot ceart uirthi. Ní fheadar cad deirim leis, níl aon tsnuadh ag teacht air: dath ná deallramh nádúrtha. Ní fhéadfaidís airgead mór do shroichstint mar ná raibh sé de snuadh ortha: de chuma. Pé aos atá aige tá snuadh na hóige air: an dath is an deallramh. D’aithnigheas ar shnuadh an chósta ná raibh aon chuan ann: líomadh: dealbh.

snuadhach: (**snódhach**) *a.* deallramhthach, dathamhail. Cailín chómh snuadhach agus gur leagas mo shúil lé tamall uirthi: deagh-dhathach: go ndath nádúrtha sláinteamhail. Tá sí chómh snuadhach lé duine, a rádh ná beadh éileamh ag óigfhearaibh uirthi: chómh dathamhail. Ghaibheas trí shlios tíre a bhí chómh droch-shnuadhach lé háit dá bhfeaca riamh: áit go raibh droch-chrot air. Aicme bhuidhe-shnuadhach: dath is cneas buidhe ortha.

snuadhmhar: (**snódhmhar**) *a.* deaghfhéachain, dathamhail, taithneamhach, maiseach. Táir snuadhmhar do dhóthain lé dul i láthair ríogh: deaghfhéachain: deallramhtach. Bhíodar go léir ag breith bráige ar a chéile, ní fheadraís céaca budh shnódhmhaire: budh dheallramhtaighe: budh thaithneamhaighe dath is cneas. Is maith snuadhmhar ataoi anois: cuma ort ar do dhath is ar do chneas ná fuil aon easbhaidh sláinte ort. Mná snuadhmhara bantracht na hÉireann: sciamhach. Ní fhéadfadh gan rud éigin do bheith mí-cheart leis tá sé chómh droch-shnuadhmhar san: cuma agus dath chómh holc san air. Bean dhubh-

shnuadhmhar a bhí innte, ach mar sin féin bhí sciamhacht innte: duibheacht ina ceannaghthaibh. Is snuadhmhaire thu ’ná riamh: deaghfhéachana.

so-: (**soi-**) *r-mh.* iondéanta, usacht, etc. Ná bí ag gearán in ao’chor ualach so-aistir atá ort: is furaiste d’iomchar. Táir ag cainnt anois lé duine chómh so-aigeanta is bhuailfeadh leat i siubhal an lae: bog, sochma. Rud an-throm, an-aindeis atá ann, níl sé chómh so-aistrighthe agus thaidhbhsigheann sé: furaiste d’iomchar go malairt ionaid. Fir is fearr ’ná é ar t’eólas nílid so-áirighthe: furaiste a gcómhaireamh. Ná daoine go raibh lámh aca san mbeart ghránda so nílid so-ainmnighthe: furaiste a rádh, nó bun do bheith lé gan iad d’aireamh. Rudaidhe soi-bhriste seadh uibhe: ní deacair cur chúcha. Biadh breágh so-bhlasta seadh rudaidhe anois go bhfuil an cogadh ann ná bíodh aon mheas cheana ortha: taidhbhsighid mar soghaltaisidhe. Duine so-bhogtha atá ann chorróchadh braon beag é: furaiste do chur ar mearbhall dighe. Budh dheacair a chur ina luighe air teacht linn, ní raibh sé so-bhogtha: claon lé géilleadh. Bíonn an duine so-bhasctha, is beag an rud a dhéanfadh a dhochar: furaiste do ghortughadh. Ní mór an cur siar a iarrfaidh sé, tá sé so-bhrostuighthe: furaiste do ghríosadh chun gnímh. Aon locht sa domhan ní bhfaghainn air, duine breágh soi-bhéasach: miochair, modhamhail. Ní mór go bhfuil aithne aca air, ní fear so-choidrimh é: muinnteartha: gur furaiste dul ina chuibhreann. Beidh obair agaibh é do thabhairt ar aon aigne libh, níl sé chómh so-chasta agus thaidhbhsigheann sé dhíbh: féicheamhanta dá dtoil. Tír bheag sho-chlaoidhte: nách deacair cos ar bolg do bhualadh uirthi. Gheibhim an plúr so cómh so-chaithmhe lé haon phlúr d’itheas riamh: so-bhlasta: go n-íosadh duine é gan col. Admhuighim ná rabhas so-chloiste ón áit go rabhas, toisc me bheith ag cainnt i gcoinnibh na gaoithe: gur bh’fhéidir me do chlos go bog. Sid é an cogadh ná fuil so-choisce: féidir do stad gan duadh. Cuireann a luighead ruda buaidhreamh air, tá sé so-chorruighthe: claon lé brón do theacht air. Ná deintear puinn giobtha uirthi indiu níl sí istigh léi féin, tá sí so-chorruighthe: ní deacair fearg do chur uirthe. Sa gheimhreadh bíonn an mhuir so-chorruighthe, is beag in ao’chor nuair lasfadh sí: claon lé suaidhteacht. Ná bíodh aon fhaitchíos ort dul chun cainnte léi, cailín so-chómhráidh atá innte: nách aon duadh í d’fhagháil chun cainnte do dhéanamh. Níor chuala scéal so-chreidte riamh uaidh ach gach aon rud ní b’áidhbhéisighe ’ná a chéile: go dtabharfaí géilleadh dho. Barra so-churtha seadh coirce ’e bhreis ar phrátaidhibh, cuir i gcás: ná faightear puinn duaidh uatha. Gach nidh so-chúmtha do Dhia: déineann iad mar is toil leis. Ní bhíonn nidhthe chómh soi-dhéanta agus is dóigh linn: bog lé déanamh: neamh-dhuaibhseamhail. Gheóbhair amach fós go bhfuil mo chuid cainnte-se soi-dhearbhtha: gur féidir do chur in iúil go bhfuil an ceart aice. Tá rud éigin anuas orm lé déidheannaighe go bhfuilim chómh so-chortha agus atáim: go dtagann tuirse orm gan puinn cúise. Bead-sa im bheathaidh ar an uain atá ráidhte agat táim so-dhúiste: claon lé múscailt as mo chodladh. Thabharfadh éinne gean di, bean soi-dhreacha mar í: go bhfuil cuma bhreágh mhuinnteardha, thaithneamhach uirthi. Dá mbeadh a bhéal níos so-dhúnta ’ná mar tá sé dhéanfadh sé maith dho: dá bhféadadh fanacht ina thost breis. Is minic ná bíonn na deagh-dhaoine is na droch-dhaoine soi-dheighilte: gur furaiste dream aca d’aithneamhaint on ndream eile. An tslighe is fearr dho dhuine ’ná bheith soi-dhíreach: macánta, ionraic. Mo ghnóthaidhe is mo chúrsaidhe ag dul díom, ní bhfaghaim soi-dhírighthe iad: bog, furaiste lé réidhteach. Níl aon rud dá mbeadh aca ná go mbeadh soi-éilighthe ortha, daoine breághtha, fiala iad: níor dheacair a lorg ortha. Ná tuigtear duit go bhfuil súd chómh soi-éistighthe sin is go gcuirfidh an méid atá ráidhte agat i ndiaidh a

chúil é: claon lé fanacht ina thost. Is iomdha rud agam ná fuil soi-éilimh: ní gan duadh iad do lorg: ná fuil lé fagháil ar a lorg. Sé an Pápa ceann soi-fheicseana na heaglaise: atá soiléir don súil. Fairír, is iomdha ganna bídh ná fuil so-fhaghálta fé láthair toisc an chogaidh: nách féidir teacht air. Aimsir so-fháis seadh cioth agus grian: claon lé rudaidhibh do chur ag fás. Talmhaintidhe áirighthe ná bíonn cruithneacht so-fháis ionta: ná fásann go réidh. Ní bheadh aon mhuinghin agam asat ná go ngéillfeá dhóibh, tá do thoil ró-shoi-fhillte: an-fhuraiste do chasadh. Tá sí maith a dóthain dul i láthair an dreama is uaisle, tá sí chómh soi-fhéachain lé cách: chómh taithneamhach clódh. Caithfear scríobh airís agus airís chuige, ní duine soi-fhreagair é: atá tapaidh éascaidh chun freagartha. Is so-fhachta bhíos rud don té go mbíonn airgead aige 'ná don té ná bíonn: is fusa dho a shroichstint. Beidh sé so-fhartha faid agus ná beidh amhras aige go bhfuil amhras caithte air: is furaiste amharc do choimeád ar gach corruighe dá néann. Beidh duadh aon eólas d'fhagháil as súd, mar ná fuil a bhéal so-fhoscailte ar fad: ní gan duadh cainnt do bhaint as. Budh dheacair teacht air mar a raibh sé i ndraip i bhfaill mhara, b'fhollas ná raibh sé so-fhuascailte: gur dhuadh é do shaoradh as. Na talmhaintidhe atá tógtha ag an namhaid nílid so-fhuascalta mar táid so-dhaingnighthe, ró-fhada ó láimh: furaiste do bhaint amach airís. Bíonn aicíd so-ghabhtha mara dtugann duine aire dho féin is dá shláinte: claon léi: tagann sí go bog. Cathair so-ghabhtha í mar ná raibh puinn daingnighthe ná cosanta uirthi: nár dheacair do thógaint lé neart airm. Árus so-ghabhála an soitheach so raghadh leath-chéad galún ann: fairsing: mór-choimeádtach. Aicíd sho-ghlactha seadh an fiabhras breac, níor mhór bheith aireach ina thaobh: tógfaí é gan puinn cúise. Braitheann sé so-ghluaiste indiu: bog ina chliabhlach. Is gnáthach leis bheith déidheannach ar an mbaile mór, níl sé chómh so-ghluaiste lé daoinibh eile: claon lé fágaint nó cur chun bóthair. Gluaisteán so-ghluaiste ní mór an duadh gheibhtear uaidh: furaiste do chur ar siubhal. Ball so-ghoirtighthe an tsúil, is beag an rud a chuirfeadh mairg uirthi: leóchaileach. Ná habair aonnidh goirgeach leis, tá sé so-ghonta: braitheann sé rudaidhe gan puinn cúise. Ná tuig go bhfuil an sionnach soi-ghreamuighthe: gur furaiste teacht suas leis. Do thaithneóchadh a sho-ghnúis lé héinne: deallramh geanamhail. Amhránaidhe aoibhinn so-ghotha gur bhreágh leat cluas do thabhairt do: go nguth bhinn. Níl béal an té seo soi-iadhta, ní stadann sé ach ag cur as: ní bhíonn fonn éistighthe air. B'í sin an tsoi-iarracht do thug sé: d'éirigh leis. Earra soi-ídighthe seadh an t-airgead ag daoinibh áirighthe: scaraid go luath leis. Cártaidhe maithe ní bíd soi-imeartha: furaiste d'imirt. Bíonn Dia do shíor soi-impidhthe don té gur fonn leis triall air: ní deacair do a chás do chur in iúil do. Daoine soi-imris atá ionta, is beag lá ná go mbíd i ndlighe nó i gcaibideal lé chéile: claon lé hachrann. An chainnt a tháinig uaidh bhí sí chómh borb is ná fuil sí soi-innste: oireamhnach lé n-aithris. Cuireann do shoi-intinn subháilceas ar mo chroidhe: aigne shochma, ghrádhmhar. Árduigh an t-ualach ort féin is beidh sé níos soi-iomchaire: níos réidhe d'iomchar. Bád guagach, soi-iompuighthe, seachain tu féin uirthi: bád atá claon lé n-a béal do bhualadh fúithi. Gheóbhair a thuilleadh dá dhuadh sara mbeidh sé leat, níl sé chómh soi-iompuighthe sin: furaiste é do thabhairt ar do thaoibh, creideamh d'athrughadh, etc. Bíodh soi-iontaoibh agat asam, ní chlisfead ort: iontaoibh gan aon amhras ag baint léi. Dá mhéid é a mhaoidheamh níl aon rud is soi-íslighthe 'ná an duine: is furaiste an réim do bhaint de. Biadh soi-ithte seadh prátaidhe maithe aon uair: oireamhnach lé n-itheadh, go maith blasta. Riamh níor chuala focal goirgeach ná borb as bhéal an duine sho-labhartha san: miochair, soirbh i gcainnt. Ní teanga so-labhartha í gan mórán stuidéir do dhéanamh uirthi: éascaidh lé spreagadh. Cad tá déanta agam ort ná

beifeá níos so-labhartha liom: níos sochma id chómhrádh. Pé duadh a chuirfeá air ná droch-chóir a gheóbhadh sé uait beir leat ná fuil sé so-laguighthe: é do chur ar gcúl nó do mhíniughadh go bog. Bí aireach air, níl sé so-láimhsighthe, tá sé fiadhain, borb: ní réidh cóstáil leis. Earraidhe so-láimhe ar fad atá dhá dhíol ann: déanta ullamh lé caitheamh. An íle atá ann ar nós mórán rud eile níl ar fheabhas, níl sí in ao'chor so-lasta: éascaidh lé teine do ghlacadh. Bíonn an t-éitheach i gcómhnaidhe níos soi-leathta 'ná an fhírinne: is fusa go mór leis fóirleathanughadh ameasc na ndaoine. Earraidhe soi-leachta siúicre is salann: ní fhanaid dlúth ina chéile. Ceacht réidh soi-léighte í sin agat: ní mór an duadh í do rádh. Thug sé cainnt shoi-leanta uaidh: níor deacair a thuigsint. Is aige ná fuil an bolg soi-líonta, an craosaire: furaiste a dhóthain do thabhairt lé n-itheadh dho. Chidhim níos soi-léasta trís na gloinidhibh seo ná a leithéididhe eile dár thriallas: is glaine agus is glé an radharc do gheibhim tríotha. Talamh soi-leasuighthe é sin; ní mór an t-aoileach ná an leasughadh d'iarrfadh sé. Ná cuireadh iomard mar é sin aon mhairg ort, tá do bheatha is do shaoghal soi-leasuighthe fós: soi-fheabhasuighthe: is féidir malairt crota do thabhairt ortha. Rud soi-leighiste seadh ceal bídh seachas ceal céille: gur féidir réidhteach do dhéanamh air. Tá an t-othar aibidh soi-leigthe: ní haon díoghbháil é do lannsáil is do tharrac. Níl aon bhail i gcorp dhuine is soi-leónta ná an t-alt: is fusa do ghortughadh nó do chur as ionad. Na nidhthe deiscréideacha atá ar mo chroidhe nílid so-luaidhte liom: ní tugtha dhom a n-áireamh. Iarann dearg bíonn so-lúbtha: claon lé cor do chur ann. Níl an aimsir so-luighte in ao'chor, tá sí an-strapach: aon fhonn uirthi míniughadh ná breághthughadh. Earra so-loiscithe seadh cadás: is beag aige teine do ghlacadh. Peacaidhe marbhtha agus peacaidhe so-loghtha: éadtroma: so-mhaithte. Bíonn rud éigin ag éirghe do n-a chnámhaibh go mion is go minic nách so-mháchaileach an garsún é: claon lé gortughadh. Nuair bhím ag cuimhneamh ort deintear so-mhachtnaithe dhom: machtnaithe ceanamhla. Níl ann ach so-mhagadh ná tagadh aon olc ort: magadh gan droch-aigne. Cad é an gearán so ort, nách tú atá go so-mhaislighthe: tógálach, neamh-dheacair spuaic do chur ort. Aon rud atá so-mhaithte ná cuireadh sé aon mhairg ort: gur furaiste an milleán do chur ar neamh-nidh. Is baoghalach go gcaithfead gabháil leis an gcasóig seo anois, níl sí so-mhalartuighthe toisc gan puinn dá saghas do bheith ann: neamh-dheacair ceann d'fhagháil ina hionad. Is iomdha beart so-mhaoidhte déanta ar na cómharsanaibh aige na bíonn smiog asta mar gheall ortha: gníomh gur bh'fhéidir leis a luadh go tóirtéiseach. Sin í an tso-mhaoin atá aige sin, is beag dá duadh fuair sé: ionmhas nó saidhbhreas a tháinig go bog air. An t-anam do-mharbhtha ach an corp bocht, so-mharbhtha: duthain: gan ann ach ó indiu go dtí ambáireach. Fuairis ar so-mhargadh é má fuairis ar an méid sin é: saor. Ná bíodh eagla ort ná go n-iomcharóchaidh an buachaill sin é féin pé áit dá ngeóbhaidh sé, mar is é atá go so-mhúinte chuige: béasamhail. Madra so-mhúinte, dhéanfaidh sé: ní deacair leis a chúram d'fhoghluim. Ní soi-mheáidhte deasca an chogaidh áidhbhéil seo: is ró-dheacair a mheas cad iad na hiarsmaidhe d'fhágfaidh ar an saoghal. Ná tuig go bhfuil an t-iasc chómh soi-mheallta is go mbéarfaidh sé ar aon tsaghas baoite a chaithfir chuige: chómh bog dallamalóg do chur air. Chreidfeadh sé aon rud a déarfaí leis, tá sé chómh soi-mheallta san: saonta. Bíonn duine soi-mhearuighthe ó bheith ag ól: ionchurtha amugha nó sonaoideach mearbhall do chur air. Seachain iad san ar a chéile, táid soi-mheasctha: raghaidís in achrann ar a luighead cúise. Mo thuairm-se gurb é an rud is soi-mheasctha go ngéillfid ar a bhfuil d'fhearaibh is d'armáil caillte aca lé geairrid: an rud is deallramhtaighe. Ná hól puinn, táir soi-mheisce: is beag an deoch a chuirfeadh mearbhall ort. Is soi-mhéine go mór anois 'ná bhí sé lé fada: is sochma lé

labhairt leis agus is caoine aigne. Is soi-mheisneamhla go mór me anois tar éis an déigh-scéil sin do chlos: is aoirde mo mheanma: is móide m'áthas. Faid agus tá aithne agam air, ní hól dom go ndeárna sé gníomh so-mholta amháin: gur bh'fhiú a ainmniughadh lé n-a fheabhas. Gach am, gach ócáid rud soi-mhianuighthe seadh an t-airgead do bheith ag duine: gur fiú do bheith ag duine. Scéal soi-mhionuighthe seadh é ach meabhraidheacht do chaitheamh leis: a ghéillfeadh gan puinn duaidh do mhíniughadh do dhéanamh air. Is mór na focail soi-mhínighthe in ao'chor atá ann lé n-a seandacht: soi-réidhtighthe: nách deacair do thuigsint. Gheobhair cainnt go leór uaidh tá sé so-mhúscailte ag an gcogadh an aimsir seo: is móide a fhonn labhartha de chionn an chogaidh. Sid é an duine dána ná fuil so-náirighthe: furaiste ceannfé do chur air. Níl a n-arm soi-neartuighthe anois, tá na treasa díscighthe tar éis an gheimhridh: is rí-dheacair iad do dhéanamh láidir airís. Ní maith liom an t-éadach san, níl sé soi-nighte, gheóbhfá mórán dá dhuadh: ní scarann lé salachar go ró-bhog. Taithnigheann so-nósa muinntire Áth Cliath liom: a bhuige is a chaoine atáid ina meón is ina mbeartaibh. Cad í an deoch is so-ólta 'ná fíor-uisce lá te brothallach: is mó go mbeadh fonn chúiche 'ná is fearr a raghadh síos lé duine. Ní háit sho-oibre é seo, tá sé ró-achrannach: áit oireamhnach chun oibre. Dá mbeadh oiread eile díobh ann sé an fear is so-oilte aca go léir é: is múinte: is fearr tabhairt suas. Fuair sé so-oileamhaint chuirp agus incheann ina óige is a rian air: cothughadh is múineadh oireamhnach d'éinne. Sin í an tso-pháirtidheacht a bhí againne lé chéile ar feadh na mbliadhanta gan achrann gan tuiteam amach: sochma: réidh, socair. Bí aireach ar an ngloine, tá sí soi-phléascuighthe: an-fhuraiste do chnagadh. Má tá sé i gceist féin níl sé so-ráidhte dhuit: níl cead a luadh agat. Déarfad aon rud atá so-ráidhte gan scáth gan eagla: ná beadh borb ná míbhéasamhail. Duine so-ranna atá istigh anois leat ní bheidh focail chruadha ná achrann choidhche eadraibh: nách deacair réidhteach leis. Is agat atá an iothla soi-réabtha, is beag an gála a árdóchadh chun siubhal í: soi-shéidte, so-fhuaduighthe. Bóthar soi-réidh atá ag dul go dtí é, níl clais ná achrann ann: mín. Cúrsa soi-réidhtighthe dhíbh é seo ach bheith ceannsa géilleamhail: ionshocruighthe. Sé leathscéal atá ag Sasana gan an India Mhór d'fhágaint go bhfuil daoine soi-riaruighthe ann a raghadh i scórnaigh a chéile nuair bhídís ó n-a smacht féin: nách féidir do riaghalughadh. Ní cúrsa soi-rithte ráis in ao'chor é: gur furaiste rás do dhéanamh air. Nílid chómh so-ruaigthe as an ndúthaigh in ao'chor is budh dhóigh leat: gan duadh iad do chur ar teicheadh aiste. Nadhbhóg so-sháidhte i gcoinnibh gaoithe seadh í, mar tá sí íseal as a thosach: go bog lé rámhaidheacht. Is beag an biadh is gábhadh dhuit do thabhairt do, duine so-sháithte seadh é: nách deacair a dhóthain bídh do thabhairt do. B'aoibhinn leat bheith ag cóstáil leis, duine so-shásaimh mar é: gur furaiste an oiread do thabhairt do agus go mbeadh sé sásta. Ar an gcuma tuigeadh do súd bhí an nidh sin so-shaoilte aige: níor bh'iongadh ná gur cheap sé mar sin. Baile so-shaothair atá ann tá sé i ngiorracht don dtráigh, is tá sé íseal: ní deacair in ao'chor é d'oibriughadh. Tá súd cliste, glic, níl sé so-sháruighthe in ao'chor: is deacair buadhachtaint air. Níl deoch a so-sháruighthe lé fagháil: deoch thar dheochaibh é. Níor mhaith liom bheith ar an bhfarraige in aonfheacht leis, tá sé so-scáinte: chuirfeadh a luighead ruda eagla air. Ní glacfaí an beartán sa phost uaim toisc é do bheith so-scaoilte: níl greamughadh daingean a dhóthain air. Ní so-scartha an líon tighe iad: ní mian leo gan fanacht i bhfóireamh a chéile. Bheadh san soi-sceimhlighthe ge n-a scáth: chuirfeadh aon rud eagla air. Claidhe soi-scéidhte seadh í, tá na clocha ró-mhion ann: árd-chlaon le tuiteam. Carraig sho-scaoiltithe, gheóbhair amach, í sin, tá síomaidhe innte: a éirigheas go neamhthuiseach ina scolbaibh dá chéile. Bí aireach ar do chuid airgid, rud so-scoithte seadh é: ná hiarrfadh

mórán caithimh. Níl tóin mo sparáin anáirde fós, nílim chómh soi-scriosta agus thaidhbhsighim: chómh bog san do bhriseadh. Dá mbeadh an t-ól chómh soi-sheachanta san ní bheadh an oiread daoine ar an bhfán aige: furaiste fanacht uaidh. Rud seadh éagcóir ná fuil soi-shéanuighthe: nách réidh in ao'chor dul ina cois. Cathaoir trí gcos ní bhíonn sí soi-sheasta: ní furaiste léi gan tuiteam. Is dual do bheith soi-shéidte, beidh sé árd-bhorrtha: claon lé toirt is cothuightheacht. Bád soi-sheólta, budh bhreágh leat bheith innte lé leoithne gaoithe: bád bog lé hionnramháil. Duine lag soi-shilte seadh é da mbeireadh aon strus mór air: a raghadh ar lár gan puinn duaidh. Cábla reamhar, láidir ná fuil soi-shínte: furaiste do shearradh: é do tharrac ar a fhaid go léir. Talamh deagh-chré, soi-shíoluighthe: gur beag aige glacadh lé síol agus a thoradh do thabhairt. Cnoc soi-shiubhalta gan charraigeachaibh, gan aiteann: gan aon duadh taistil ann. Tigh so-shlachta, chuirfeadh sé aoibhneas ar do chroidhe dearcadh istigh is amuigh air: go ndeallramh mbreágh. Budh so-shladuighthe iad dúthaighe an domhain toir ges na cómhachtaibh móra: níor dhóigh ná duadh aca a gcuid d'árdach uatha. Galar so-shlánuighthe atá air, tiocfaidh sé uaidh: soi-leighiste. Is so-shloigthe d'fhaoilinn aon rud ná beadh ró-thoirteamhail ar fad: b'fhéidir léi a d'alpadh. Tá an oiread san gráine agam ort nách so-shloinnte liom thu os chómhair daoine: nách mian liom an ainm cheart do thabhairt ort. Nach é atá go so-shnais, so-shnóidh: cuma mhaith air agus an dath ceart fola agus cneasa air. Ní chuirfir fé chois chómh bog san é, níl sé chómh so-smachtuighthe sin: furaiste do riar. Is so-shnáimhte an abha leis an sruth ná ina coinnibh: is fusa í do shnámh. Is soi-stiúrtha bád ná long: is fusa í do choimeád fé smacht. Capall soi-stiúrtha ar bóthar é: ní deacair é do choimeád díreach. Oileán so-shroichte seadh é, níl sé i bhfad ó thalamh is tá cuanta maithe ann: ní deacair dul i dtalamh ann. Scéal so-shuimighthe a bhí aige nuair haithriseadh go maith é: go gcuirfí spéis ann. Duine so-thógtha seadh é, ní mór an seódh d'fhéadfaí do dhéanamh leis: gur furaiste fearg nó mío-ghnaoi do chur air. Ainmhidhe so-thógtha cor-each 'e bhreis ar chapall: is fusa go mór a chothughadh. Is é is so-thairngthe ameasc cuideachtan díobh: is fusa a mhealladh nó do shughadh innte. Baile so-thaistealta go maith é, tá mórán córach iomchair ann: níl sé deacair gabháil tímcheall ann. Ní rud so-thaiscighthe ag cuid mhór airgead: ní éirigheann leó lón do dhéanamh de. B'fhada ó bheith so-thaosctha an bád, bhí an fharraige ag síor-theacht isteach innte: níor bh'fhuraiste í do choimeád tirim. Cainnt so-thuigseana a tháinig uaidh: a thuigfeadh éinne: fuaimeantamhail. Ní bhfuaireas so-thuigseana é, bhí sé ró-fhada uaim: greim d'fhagháil ar a raibh dhá rádh aige. Tuigfidh san do chúrsa go maith agus tabharfaidh sé dhuit pé cabhair a fhéadfaidh sí, tá sé so-thuigseana: an-thuigseanach. Is í is soi-theagaisce den gclainn: gur fusa rud do chur ina ceann. Níl mórán gnótha de dhian-obair agat, duine so-thuirsighthe seadh thu: ní deacair tuirse do chur ort. Thoghabhair so-uain chun cur chun farraige: uain bhreágh, ionbhaidheach. Cé go raibh sé soi-bhéasach go leór linn ní mór den tséan a fuaireamair uaidh: deagh-mhúinte, lághach, síbhialta. Níl aon bhaoghal ná go bhfuil so-bhlas ar an iasc úr so: blas taithneamhach. Daoine breághtha, so-chroidheacha atá sa cheanntar so, beir rí-shásta leó: galánta: croidhe maith, fial aca. Níor dhiúltuigh sí riamh na boicht, ní raibh bean budh sho-charthannaighe sa cheanntar 'ná í: budh leagtha lé carthannacht is maith do dhéanamh. Budh mhinic nár dhein sé so-chómhairle na ndaoine a bhíodh ar mhaithe leis: cómhairle cheart a leasa. Níor mhaith liom puinn do rádh leis mar nách duine so-chomhairlighthe é: duine a ghlacfadh leis an rud a bheadh ar mhaithe leis. Scéal soi-chreidte atá aige, tá crot na fírinne air: go dtabharfá géilleadh dhó gan aon amhras do bheith ort ina thaobh. Tugann sé aghaidh ar

an saoghal go so-mheanmnach: meisneamhail, sochma: gan mairg ar bith air. D'íosfá lán pláta den bhfeóil sho-mhilis sin: an-shóghail. Dá mbeadh aon tso-rannacht in ao'chor ag baint leis ní scarfainn leis: síbhialtacht: géilleamhlacht. Tá do cheist so-thuigse go maith agus tá an freagra agam-sa dhuit: soiléir: réidh.

sobhaircín: *f.4.* bláth go nduilleóig bhuidhe. Sobhaircínidhe go glé ar na clathachaibh.

sobal: *f.1.* cubhrán a ghníonn uisce is galbhúnach; cubhar; coipe. Cuir an tsobal na héadaighe shalacha ar bogadh: uisce go mbíonn mórán galbhúnaighe air. Chuir an obair sobal alluis orm: bhí brat bán orm aige mar bheadh cubhrán. Ar an gclódh atá ar an lá tá sobal báistighe: báisteach throm. Bhí sobal i ndiaidh an bháid lé siubhal ceart: an fharraige suaidhte ar an gcuma san aice go raibh dath bán uirthi. An breóidhte atá an madra go bhfuil sobal lé n-a bhéal: cubhrán bán. Cuirfead sobal fola leat mara leigir dom: gearrfad thu is beidh brat fola ort. Comhartha báistighe an sobal (tarraic) sin ar na clochaibh: an fharraige shuaidhte, bhriste, gheal. Tháinig sé chugham is sobal leis: cubhrán bán ar a bhéal lé feirg. Cuir an sobal tríot isteach go mbogaidh an fhéasóg chun do bhearrtha: fola cubhráin.

sobalach: *a.* cubhrán, cubhrán uisce is galbhanaighe. An cuas sobalach ón bhfarraige bhriste: lán de chubhrán. Sin spéir shobalach laistiar: spéir go bhfuil cuma na báistighe go mór uirthi. Níl aon fhonn orm chun an té sin, níl ann ach sobalach: uiscealach do-bhlasta.

sobal-chainnt: *b.2.* fastaoim, bhriolla-bhriolla, gaoth mhór. Mara raibh sobal-chainnt aige nuair bhí a dhóthain ólta aige ní lá fós: cainnt san aer. Bhuaidhfidís indiú is bhuaidhfidís ambáireach, ar a mbéal, is gur ag dul ar gcúl atáid, nách aca bhíonn an tsobal-chainnt: cainnt gan aon bhrigh ach an oiread lé cubhar na mara.

soc: *f.1.* an chuid den gcéachda a ghearras croiceann na talmhan fé; ceann caol, cainncín, gob, pus, breall, grainnc. Cuir eiteóg ar an soc, tá sé maol: sciathán (leasughadh) do chur ar an máille den gcéachda a ghearras is a árduigheas an fód. Sé soc atá air siúd go bhfuil sainnt air: an cainncín: d'aithneófá ar a shrón 'sa phus é, an tslighe atá gob amach ortha. Éirigh díom-sa ach go háirighthe, tá soc chun aighnis ort: bior: gob. Ní raibh éinne ghá iarraidh ort-sa do shoc do sháthadh sa scéal ná baineann leat: do cheann do chur ann. Is amhlaidh atá an soc thall is an colltar abhfus: budh cheart gob an cholltair bheith go díreach os cionn bhir an tsuic d'fhonn is go ngearraidís an fód ina cheart: gnóth ná fuil cur lé chéile ag gabháil de. Cuir soc ort féin chuige: deallramh go bhfuilir i ndáiríribh. Is mór an soc oibre atá ar dhaoinibh indiu: fonn: bior. Tháinig soc air i dtaobh na fírinne d'innsint do: pus: dreach míchéadfadhach. Dhá shoc ar an mbád: í caol as a dhá ceann. Soc fada, caol talmhan seadh Corca Dhuibhne: leirg thalmhan ag rith i bhfad amach 'on bhfarraige. Cad a chuir an soc ortha linn an aimsir seo: an míchéadfadh is an neamh-mhuinntearthas. Níl a dóthain suic ar an sluasaid: tá sí ró-leathan as a béal.

socach: *a.* gobach, cainncíneach, mí-chéadfadhach, pusach. Nách socach ataoi? cad a chuir as duit?: cuma mhí-chéadfadhach ort. Eascú mhór shocach: go raibh pus fada uirthi. Nách socach ataoi is bheith ag fagháil aon spéise de chúram dhuine eile: fiosrach: mairgeach.

socadán: *f.1.* duine fiosrach, geócach, bruachaire. Ní theastuigheann aon tsocadán sa chuideachtain seo uainn, tugadh sé aire dá chúram féin: geócach: piardálaidhe. Dá mbeadh scéal suainseáin ó Chorcaigh aníos bheadh sé ag an socadán san: duine a bhíos ag síor-fhairghis is ag sáthadh a chinn i gcúrsaidhibh iasachta. Tóg siar do cheann, a shocadáin, níl éinne ag glaodhach annso: duine ná faghadh a shláinte gan bheith ag bruachaireacht.

socair: *a.* réidh, mín, slinn, ciúin, suaimhneasach, réidhtighthe, mall; cóirighthe; in eagar; neamhghuairneánach. An bhfuil socair agat air go raghair in ár bhfochair?: tagaithe ar aigne teacht. Ní túisce bhí an margadh socair eatartha 'ná briseadh é: réidhtighthe: iad aonta cad dhéanfaidís. Beir socair aige nuair gheóbhaidh sé greim ort, tá an oiread san feirge air chughat: marbh: deireadh leat. Shaoileas go mbeadh sé socair agat leis an mbuille do thugais do: curtha dá threóir: réidh: marbh. An bhfuil an imirt socair eadraibh anois?: pé argóint a bhí ina thaobh réidhtighthe. Cuir uait an rud leóchaileach go socair ar eagla a bhriste: go réidh, aireach. Fan an-shocair ar eagla go gcloisfí thu: gan corruighe ná ionfairt do dhéanamh. Fear socair seadh é ná cuireann isteach ná amach ar éinne: ciúin: neamh-spáirneach: deigh-mhianaigh. An bhfuil an bóthar socair fém chois ag dul ann?: réidh, sleamhain. Ar shiubhal socair fiú amháin ní thógfadh sé thar uair an chluig uait dul ann: go mall: gan deabhadh ná fotharaga. Gluaiseann sí go neamh-shocair, shuaidhfeadh sé an t-anam ionat: ionfairteach. Beir socair ar gach aonnidh, níl faic buaidhte lé himshníomh: glac go réidh é. Scéal socair seadh é, éirighimís as: rud atá thart is nách aon mhaith a tharrac i dtreis airís. An bhfuil an suidheachán san fút socair: seascair. Tá sé socair síos sa chathair anois: é chun cómhnaidhthe ann. An bhfuil na leabhartha socair mar bhíodar?: san eagar chéadna. Bíodh gach aon rud socair i gcóir an bhóthair agaibh: cóirighthe: ullamh: réidh. Is fada go bhfeaca an fharraige chómh socair: ciúin: gan corruighe. Is breágh don té go mbíonn aigne shocair aige: suaimhneasach: gan aon bhuaidhreamh. Níl socair fós agam leis: réidhtighthe: fiacha díolta: margadh déanta etc. Nílim-se socair fós leis an gcrochaire sin: níl díoghaltas bainte agam de. Déin an rud is socra, más féidir é, i gcómhnaidhe is é is mó go mbeidh dá bharr fé dheóidh agat: rud is lugha clampair: is suaimhneasaighe. Tá sé socair ort gur thu a dhein é: curtha id leith. Tá an áirighthe sin airgid socair ge n-a fear uirthe sa mbliadhain: réidhtighthe le tabhairt di. An bhfuil sé socair fút annsan?: an talamh, an t-úrlár, an áit, etc., réidh, slinn. Bí chómh socair annsan lé stacán cloiche: gan aon chor. Labhair níos socra, ní chloisim i gceart thu: níos réidhe agus níos maille. Labhair socair, ní bheadh a fhios agat cé bheadh ag éisteacht, bíonn cluas ar an gclaidhe: go haireach, íseal. Bhíomair socair suas chun gluaiseachta nuair tháinig scéala orainn gan corruighe: curtha i dtreóir. Socair liom, táim an-ghonta: tabhair ionramháil chneasta dhom. Is fada go mbeidh an saoghal socair tar éis an chogaidh seo: gan suathadh. Níl aon ghnóth ag duine socair mar é siúd ag tiargabháil lé dream glic mar sibh-se: réadhchúiseach. Budh shocra dhuit éisteacht is gan baint leo: budh shuaimhneasaighe.

socaire: (**socadán**) *f.4.* duine cainncíneach, piardálaidhe, duine fiosrach, gliúcálaidhe. Ghaibh socaire luinge an treó indiu: ceann go raibh tosach fada géar uirthi. Ní raibh tigh ar an mbaile ná gur chuir an socaire a cheann thar doras, is bhailigh leis airís: gliúcálaidhe: duine a bhíos ag piardáil i nidhthibh ná baineann leis. Ní raibh sé ag imirt in

ao'chor ach ní fhéadfadh an socaire a bhéal d'éisteacht: duine a sháidheas a cheann i gcúrsaidhibh iasachta. Ní fuláir nó is mór an siubhal atá ag an socaire con san: go bhfuil pus fada, caol uirthi a fhoillsigheas fuinneamh. Dá n-éistigheadh an socaire úd a bhéal ní bheadh aon achrann ann, mar chiúnóchaidís: eadránaidhe lé hintinn buadhartha.

socaireacht: *b.3.* fiosracht, piardálaidheacht, gliúcaidheacht. Budh mhór an tsocaireacht do an rún san do thaighdeadh: boladhghail, cuardach is fiosracht. Ná bíodh aon tsocaireacht ort eadrainne mar nách aon rud a bheidh dhá bharr agat: sáthadh cinn. Caitheann sí cuid mhór dá saoghal ag socaireacht ameasc a comhluadar ban: lé fiosraidheacht.

sócamhal: *f.1.* suaimhneas, seascaireacht, soilbhreacht. Beidh sócamhal agat san áit iargcúlta so anois ar feadh mí nó dhó i bhfad ó chúram is thrangláil na cathrach: suaimhneas. Ní haon tsócamhal dom bheith in bhur measc tathaoi ró-aimhleasta dhom: socracht. Fan eadrainn anocht, tá an oidhche ró-dhiamhair chun taistil, bíodh sócamhal na hoidhche agat: scíth shuaimhneasach. An bhfuilir ar do shócamhal?: ar do shástacht. Beidh dreas sócamhail codlata agam: sámh.

sócamhail: *a.* suaimhneasach, sámh, seascair, saor ó ghnóth, ádhmharach. Cuireadh im shuidhe i gcathaoir shócamhail me gur bhreágh leat bheith innte: seascair, réidh, compórdach. Tá leabaidh shócamhail fút, biadh maith agat is fíor-bheagán oibre, cá bhfuil do bhuaidhreamh: leabaidh aoibhinn, shocair lé luighe uirthi. Feirmeóiridhe sócamhla seadh sibh, tá luach ar gach seift, cá bhfuil bhur gcúis ghearáin?: rathmhar: go maith as. Budh shócamhla an saoghal a bheadh aige dá mbeadh gan leath na gcúirimidhe air: budh shocra is budh sháimhe. "Is binn liom cainnt shócamhail", ars an tnúthán nuair iarraidh air deoch d'ól: cainnt chneasta. Ní hiongadh dho gan snódh do bheith air, is fada gur ith sé greim sócamhail: so-bhlasta. Tagann scríobhnóireacht go sócamhail air: go réidh.

sócamas: *f.1.* sóghlas, rud deaghbhlasta; sócmhainn; coguas. Is mór an sócamas leis breac úr nuair bhíonn sé ag itheadh éisc ghuirt ar feadh i bhfad: toghadh bídh, sóghaltas. Sócamasaidhe ná bíonn ach ag an lucht saidhbhir níor thaithighe leis, agus mar sin níor mhian leis: saighiseanna bídh tearc, neamhghnáthach. Gheibhinn sócamaisidhe nár mhór é m'éileamh ortha is nár scabhárdamhail liom: saghaiseanna bídh a meáidhtear do bheith an-sho-bhlasta. Do mhairbh an potanálaidhe an capall leis na sócamaisidhibh a thug sé dho: coguisidhe dá dhéantús féin.

sócamhlacht: *b.3.* suaimhneas, seascaireacht, míneacht, cneastacht, réidheacht. Níl puinn lé déanamh aice, níl gearán sa tsaoghal uirthi, tá a dóthain lé n-itheadh, i ndeireadh a beatha tá sócamhlacht aice: suaimhneas is seascaireacht. Ní mór an tsócamhlacht a fuair sé uatha i bpríosún, tarcuisne, cruadhtán is droch-lón: seascaireacht. Gheóbhair sócamhlacht uatha, beid go maith dhuit: cneastacht. Leabaidh bhreágh seadh í, tá sócamhlacht innte: seascaireacht.

socán: *f.1.* éan de chineál na smólaighe; duine neamhfhuilngtheach. Fág as san, a shocáin, maran ort atá an fuacht, ag dul síos ar an dteine: rud fuar neamh-anamamhail.

Níl aon fhulang ann ach an oiread lé socán: claoidheann an sioc iad san gan puinn seasaimh do thabhairt uatha. Ag tuiteam ar nós na socán leis an ocras: mar bheadh an t-éan san sa tsioc is sa tsneachtadh. Ná bí id shocán annsan téighir abhaile: cuma an fhuachta ort.

sochar: *f.1.* tairbhe, breis, bail, maitheas, adhlainidhe, ionmhas, toradh, so-mhaoin, iasacht, comaoin; barr, cnuasach, barra, fagháltas. Sochar agus dochar na céirde: toradh tairbheach de bharr gnímh, bearta, gnótha nó oibre. Ní haon tsochar dom-sa tú do bheith i leith an tighe agam, ní haon chóngamh do thugair uait: tairbhe: feabhas dom. Is chun do shochair féin ataoi ag obair is ní d'éinne eile: maitheas. Go dtéighidh sé chun do shochair, tá beart galánta déanta agat: chun do mhaitheasa. Is chun ár sochair gan aon bhaint do bheith againn leis an gcogadh so: is feárrde sinn é. Gheibheann sé an áirighthe sin sochair as gach aon luach céad púint a dhíolann sé i dteannta a thuarastail: díolaidheacht bhreise as an seirbhís. Lé saidhbhreas na talmhan bíonn ím sochair air gach maidean shamhraidh: drúcht a fhágann smeara ina dhiaidh cosamhail lé hím. Is beag sochar na síor-mheisce: an té a bhíos síor-thugtha d'ól bíonn sé go dealbh, bocht. Aithris dom cad é an sochar dóibh bheith i síor-earrad lé chéile: cad atá buaidhte aca leis. "Ar gcruinniughadh dhó-san a raibh re na leithéid sin de chéird adubhairt sé riú, a dhaoine, tá a fhios agaibh gur leis an gcéirdse do gheibhimídne ár sochar": ár n-ionmhas: ár mbeatha. Is beag é sochar na haon bhó: toradh: an méid a thugann sí. Is mór é sochar an anama as carthannacht: tairbhe i láthair Dé. Trí púint fén gcéad sochar mo chuid airgid: somhaoin: breis: barra. Is iomdha claon-bheart déanta aca gan a sochar ortha: a bhail. I ndiaidh an tsochair a bhíonn an grádh: an té go mbíonn ionmhas aige is cuma cad é a chlódh beidh cion air is lucht leanamhna aige. Raghadh sé chun do shochair go mór seal saor ó obair do ghlacadh, táir ró-dhian ort féin lé tamall. Is cuma cad é an saghas bídh a bheadh aige, téigheann gach aonnidh chun sochair do: chun a mhaitheasa. Budh mhór an sochar dom im bhroid an iasacht airgid a fuaireas: maitheas mhór. Mo ghradhain go dealbh é, is é atá gan sochar: gan a luighead maoine. Sid í deoch an tsochair: go bhfuil an scabhárd innte.

sochard: *f.1.* suaimhneas, scíth, suan. Tá sé in am sochaird, tá sé go hárd tar éis an mheádhon oidhche: in am suain.

socaránta: *a. n-dh.* ciúin, cneasta, réadhchúiseach; deighmhéineach. Ní deacair bruic leis, fear socaránta seadh é: cneasta. Caitheann sé a shaoghal go socaránta, ní chuireann aon rud imshníomh ná mairg air: cneasta. Go maidean ambáireach gheóbhair socaránta é, is cuma cá crosta bhíonn éinne eile: deighmhéineach: neamhmhairgeamhail. Ghaibh sé leis an scéal go socaránta: gan aon mhairg do theacht air. Labhair sé go socaránta i bhfreagra an uile rud do casadh leis: cneasta, ciúin.

sochma: *a. n-dh.* ciúin, cneasta, éascaidh, bog, caoin, réadhchúiseach, socair, so-ranna. Aimsir shochma seadh í, moladh lé Dia, tá grian is aoibhneas againn: cneasta, taithneamhach. Capall sochma fé chéachda atá ann: socair: féicheamhanta: ná bíonn crosta. Bí sochma, níl aon chall lé feirg: socair, grádhmhar. Chodail sé an oidhche airéir go sochma agus theastuigh san uaidh mar nár dhéin sé néall lé seachtmhain lé tinneas is diachair: go sámh. Ní sochma liom focal goirgeach do rádh leis: ní mian. Níl an bradán so ag teacht go ró-shochma, stiallfaidh sé m'fhearas is baoghalach: ró-chneasta. D'oibrigh

an dochtúir go sochma ar an gcneadh, ní mór gur bhraitheas é: go socair, aicillidhe, cneasta. Itheann sé a chuid go sochma: go cneasta, sásta. Bíodh cuideachta shochma againn: muinnteardha. Budh shochma liom aon rud do dhéanamh duit: budh bhreágh liom.

sochma: *f.4.* aoibhneas, áthas, cneastacht, suairceas. Cuireann an deighscéal san sochma orm, is fada gur chuala aon rud is mó a shásaimh me: subháilceas. Cuireann an deoch san sochma air: téigheann sí síos go maith leis. Shín sé siar lé sochma ceart, ní raibh faic sa tsaoghal ina mhairg air: aoibhneas is sástacht cuirp. Is amhlaidh a bhí sochma air ag dul chun báis: aoibhneas: socracht aigne: subháilceas.

sochmacht: (**sochmaidheacht**) *b.3.* subháilceas, suairceas, aoibhneas, sástacht aigne, socracht, cneastacht, suaimhneas, éascaidheacht aigne. Beidh sochmacht agat bheith ag obair duit féin seachas bheith fé shaoiste: subháilceas. Ná cuireadh éinne isteach anois orm, táim ar mo shochmacht annso: seascaireacht: suaimhneas agus subháilceas. Cad chuir an tsochmacht go léir indiu air? tá focal aige do gach éinne, is é ina dhúra dára lé seachtmhain: súgacht: soilbhreacht. Is mór an tsochmacht d'fhear bheith pósta lé mnaoi mhaith, sho-chroidhigh: subháilceas is sástacht beatha.

sochmamhail: *a.* cneasta, subháilceach, socair, so-ranna, miochair. Budh bhreágh leat bheith ag obair lé duine sochmamhail mar é, choidhche ní bheadh gearán ná cnáimhseán ar bun aige: subháilceach. Ní deacair réidhteach leat, a bhuachaill, is tú an té is sochmamhla a bhuail liom lé fada: cneasta, suairc i ngníomh 'si gcómhrádh. Ní ró-shochmamhail a bhí an ceann indiu, bhí rud éigin ghá chiapadh: suairc, miochair. Líon tighe shochmamhail atá ionta, ní cloistear focal easaontais eatartha: cneasta, grádhmhar. Budh shochmamhail liom agus bhís ar ar ndubhradh leat ná raibh cóir ná ceart: cneasta, fuilngtheach.

sócmhainn: *b.2.* soghaltas, deagh-bhiadh, rud deagh-bhlasta; seift, maoin, foillse, cogus. Ní íosfair na prátaidhe seo, nílid maith do dhóthain duit, sócmhainnidhe atá uait?: soghlaistidhe: biadh speisialta so-bhlasta. Níl airgead aige ná sócmhainnidhe chuige: foillse: seift. An té go mbíonn geir aige bíonn sócmhainn aige: ainmhidhthe beathuighthe: bíonn luach airgid aige. Caithfidh daoine bochta déanamh gan sócmhainnidhe: maireachtaint ar ghnáth-bhiadh.

sócmhainneach: *a.* maoineach, seifteach, foillseach. Duine sócmhainneach atá ann, tá tighthe, talamh is foillse eile aige: seifteamhail, maoineach. Ní cás duit bheith ag brath air, teipeadh rud air is beidh rud eile aige, tá sé sócmhainneach: seifteamhail.

sochoisc: *a.* géilleamhail, féicheamhanta, éascaidh. Dhéanfadh an garsún céadna aon rud a fhéadfadh sé dhuit, buachaill sochoisc é: éascaidh. Uaireannta ní bhíonn an t-asal sochoisc, bíonn sé dúr dána: féicheamhanta: éascaidh lé gluaiseacht.

socra: *b.4.* réidheas, cneastacht, ciúnas, neamh-achrann. Mealltaí a mbeadh aige uaidh lé n-a shocra: macántacht is ceal aireachais. Ní fhéadfadh éinne locht d'fhagháil ar shocra an bhóthair, is furaiste ualaighe do tharrac air anois: réidheas, míne agus sleamhaineacht.

Chuirfeadh sé iongadh ort a shocra is thagann obair air: a usacht: ní thaidhbhsigheann aon duadh air aice. A shocra agus scríobhann sé: ní bhíonn aon duadh air ag scríobh.

sochrach: *a.* tairbheach, saidhbhir, oileamhnach. Sin é an bainne sochrach lé n-ól: saidhbhir: oileamhnach: scabhárdach. Budh shochraighe dhom aon rud eile do dhéanamh 'ná bheith ag iascach ó mhaidean, níl aon tseilg agam: budh thairbhighe. D'aithneófá air gur ím sochrach é, tá drúichtínidhe tríd: saidhbhir. Tá gual go leór ins na cluinntibh ach deirtear nách sochrach é do thochailt: tairbheach: gur mó bheadh caillte ná buaidhte leis.

socracht: *b.3.* réidhteacht, míne, suaimhneas, sleamhaine, síothcháin, seascaireacht. Táim ar mo shocracht annso, suidhte go breágh dhom féin ná cuireadh éinne isteach orm: seascaireacht: sástacht: suaimhneas. Táid ag teacht ar a socracht, tá ualaighe troma ortha: suaimhneas: mall, réidh. Ní mór don gcois socracht go snaidhmidh sí: socracht: gan aon ósbairt do thabhairt di: suaimhneas. Socracht leis gach aonnidh: is fearr breith fada, réidh ar rud ná deabhadh is fotharaga leis. "Socair annsan!" – "socracht a gheóbhair": beifear aireach, cúramach. Dá dtéigheadh an lá chun socrachta raghainn ag iascach: i gciúnas. Gluais ar do bhog-shocracht: go réidh, mall, gan suathadh. Ar an gclódh atá ortha ag troid is fada fuar go raghaidh an saoghal chun socrachta: chun ciúnais is síothchána.

socracht: *b.3.* tairbheacht, bail, saidhbhreacht, mór-bharra. Ar an uachtar atá ar an mbainne seo is follus go bhfuil socracht ann: saidhbhreacht. Do bhí socracht ag teacht chun an dreama gur leó na cluinnte a bhí sa tíorthaibh soir: tairbheacht: saidhbhreas. Níl aon rud go gcuireadh sé a chuid airgid ann ná go leanadh socracht é: mór-bharra: breis: thagadh méadughadh is borradh air.

sochraid: *b.2.* cóisir thionnlaic na marbh; cóirighe mór-shluagh; scuaine. Tá sé ráidhte riamh ná rabhais i sochraid mara ndeaghais 'on tímcheall. Má bhím beó is me in aon chómhgar duit raghad id sochraid: ar shluagh do thionnlachta 'on roilig. Shaoileas ná beadh i ndeireadh tagtha orm choidhche, bhíodar ag teacht ina sochraid orm: ina sluagh líonmhar, fada. Ní haon mhaith bheith ag caoineadh nuair imthigheann an tsochraid má bhíonn fonn ar dhuine truagh is taise do theasbáint deineadh go tráthamhail é: ní maith bheith ag déanamh buaidhrimh dos na rudaidhibh a bhíos thart. I lár na hoidhche, dhearbhóchadh sé, go bhfeaca sochraid sidhe: sluagh daoine maithe ag gluaiseacht agus cómhra aca. Faid mo radhairce ar an slios uaim chonnac na sochraididhe saighdiúiridhe ag gluaiseacht chun catha: sluaighte móra, troma, líonmhara.

sochraidheacht: *b.3.* réidhteach, ciúnas tar éis stoirmeach. Bhíodar seirbheálta ge n-a chéile, ach dheineadar sochraidheacht gan dul i láthair na dlighe: réidhteach: margadh síothchána. D'fhágadar lé sochraidheacht na haimsire an t-oileán mar a rabhadar síontheanntuighthe ar feadh mí: ar chiúnughadh dhi.

socrughadh: *f.* (*-uighthe*) cóiriughadh, feistiughadh, críochnughadh, do dhéanamh síothchána, margaidh; ciúnughadh, ceannsughadh, réidhteach, cur in eagar, in órd, etc. Is amhlaidh mar tá agat-sa agus do thaobh den scéal, socrughadh na caillighe mar is áil léi féin. An gréasaidhe ag socrughadh mo bhróg dhom: ghá ndeisiughadh. Bí ag socrughadh an tighe dhúinn, in ár gcóir, ní fada ná go mbeam ag aistriughadh isteach ann: ag cur gach

rud i dtreó ceart, ghá ghlanadh agus uile. Thánag ag socrughadh roim an bhfear eile: ag cur gach aon rud i dtreó is i gcóir do bheadh ar iarraidh uaidh: ag déanamh réidhtigh. B'fhearra dhíbh socrughadh do dhéanamh is gan dul chun dlighe lé n-a chéile: pé easaontas atá eadraibh do chóiriughadh. An socrughadh a deineadh idir an dtír seo agus Sasana budh dhéistean lé cuid againn: an réidhteach ar ár n-earrad. Ag socrughadh an airgid lé chéile: ag tabhairt a chist dos gach duine. Is binn leis bheith ag socrughadh orm: ag cur síos: ag innsint scéalta ar an gcuma a sháisigheann é. Níor bh'fhíor in ao'chor é, socrughadh do cuireadh air dob eadh é: cóiriughadh scéil nó aithrise. Is olc an socrughadh a tugadh ar an gcasán, ní mór go bhféadfadh éinne é do shiubhal: an saghas deisighthe. Déanfaidh an deagh-nuadhacht so socrughadh ar t'aigne: ciúnughadh: maolughadh. Raghaidh an saoghal (aimsir) chun socruighthe lá éigin: tiocfaidh suaimhneas is síothcháin. D'fhág sé socrughadh airgid ar gach duine dá chlainn: áirighthe airgid ina udhacht: suim a thiocfadh ar amaibh áirighthe. An raghaidh aon tsocrughadh go deó ort?: an luighfir fút in aon áit áirighthe ná ar aon chuma áirighthe gan bheith ag síor-ghluaiseacht. An t-easaontas a bhí eatartha, tá sé fé shocrughadh aca: iad ag gabháil de d'iarraidh a réidhteach. Cúrsa ró-achrannach a bhí ann agus chuaidh sé ó shocrughadh, d'fhan sé mar bhí sé: ó réidhteach: ó mhíniughadh. Leig don dté socrughadh: leig do go dtairngeóchaidh sé i gceart. Bhíos ghom shocrughadh féin i gcóir an aonaigh: ghom ghléasadh féin is ag déanamh gach uile nidh a oirfeadh dom. Táid ag socrughadh cleamhnais: ghá dhéanamh: ag gabháil de: ghá chríochnughadh. Ag socrughadh a hata uirthi féin: ghá chur uirthi an tslighe cheart. Tá an cogadh ag socrughadh na mílte fear: ghá marbhadh: ghá mbaint dá dtreóir. Is maith é thu chun socruighthe: chun cóirighthe: cúrsaidhe a aithris díreach mar is áil leat. Tá an sagart ghá shocrughadh chun báis: ghá ullamhughadh: ag tabhairt faoisdine dho is an ola dhéidheannach dhá chur air aige. Díreach agus an t-éan ag socrughadh ar an dtalamh caitheadh piléar leis: ag túirleang. Thosnuigh ceódh ar shocrughadh ar an gcnoc: thuiteam is luighe.

socruighim: *b.a.* 7 *n-a.* réidhtighim, cóirighim, comhthromuighim, feistighim, ceartuighim, ciúnuighim, suaimhneasuighim, críochnuighim, feistighim, ceartuighim, ciúnuighim, suaimhneasuighim, críochnuighim, deisighim. Socruightear an bóthar so go ngeibhidh gluaisteán ann: deisightear: cuirtear in órdughadh cheart é maidir lé míne, etc. Socrófar an scéal so ded cheal, a shocaire, ná bíodh aon bhaint agat leis: réidhteófar: ceapfar: cuirfear críoch shíothchánta, shásamhach air. Socruigh thu féin i gcóir an chatha: feistigh thu féin: cuir i dtreó thu féin. Níor socruigheadh i gceart an tigh, caithfear cur chuige airís: níor deisigheadh: níor cuireadh ar an gcuma cheart é. Socróchaidh an deoch so do ghoile: cuirfidh ina cheart é. Sid é an ball díreach in ar socruigheadh é (leis), an fear bocht: marbhuigheadh: cuireadh deireadh leis. Socruigheann san gach aonnidh anois ar sheódh an domhain: réidhtigheann: comhthromuigheann: cuireann ina cheart. Socruigh an clog san, tá sé mall: ceartuigh é. Socruigh do bhróga, tá na sála imthighthe uatha: deisigh iad. Socróchad-sa an gluaisteán faid bheidh sibh-se d'bhur socrughadh féin chun bóthair: cuirfead gach nidh ina cheart. Socróchaidh sé siúd thu ar an olc atá aige chughat nuair gheóbhaidh sé greim ort: cuirfidh deireadh leat: marbhóchaidh thu. Socruigheadh orm-sa an marbhadh do dhéanamh: ceapadh me chuige. Shocruigh an bhanaltra anuas san leabaidh orm: chóirigh sí éadaighe na leapan i slighe go mbeinn seascair. Ní raibh a leithéid i gceist, is amhlaidh do socruigheadh orm an méid sin: cóirigheadh: innseadh: ceapadh orm. Shocruigheadar fútha in iarthar na háite cianta ó shoin ar an gcuid dob

fheárr den dtalamh: lonnuigheadar ann. Shocruighinn gach tráthnóna fés na hainmhidhthibh: chóirighinn: ghlanainn uatha is chuirinn easair fútha. Socróchaimíd chun suain agus is mithid é: cuirfeam sinn féin i gcóir. Socróchaidh an máighistir leat i dtaobh dul i bpoll ó scoil: tabharfaidh sé ullamhughadh dhuit: cuirfidh sé smacht ort. Ní shocróchadh sé liom cé go socróchainn leis, sé a mhian dul chun dlighe liom: réidhteóchainn an t-achrann atá eadrainn. Níor shocruigh riamh leis ach tusa do chur do láimhe ann: chríochnuigh leis. Shocruigheas im aigne thar éis mórán machtnaimh gur b'é an rud dob fhearr é: thánag ar an intinn. Socróchaidh an saoghal fós ní fuláir: ciúnóchaidh sé. Níor shocruigh an fharraige (aimsir) ina ceart fós: níor mhaoluigh: ní dheaghaidh i mbreághthacht. Socruigheann san liom-sa é: táim-se réidh leis feasta.

socruighthe: *a.r.* réidhtighthe, cóirighthe, feistighthe, gléasta, críochnuighthe, ceapuighthe, ceartuighthe. Tá áiteamh is argóint mar gheall ar an scéal, níl sé socruighthe go fóill: réidhtighthe. Beidh gach aon rud socruighthe ar a dtoil aca um an dtaca san: cóirighthe: curtha in eagar is i dtreó. Bheadh sé socruighthe agam fadó dá mbeadh eaga agam air: deisighthe. Is fada ón gcogadh bheith socruighthe fós, táid in achrann lé chéile níos tréine 'ná bhíodar riamh: síothcháin do bheith déanta. An bhfuil bórd socruighthe i gcóir an dinnéir agat?: curtha i dtreóir: an t-éadach cláir, na háraistidhe, etc., curtha air. Is miste dhúinn bheith ag gluaiseacht, tá an lá socruighthe: ciúnuighthe: an doineann imthighthe: dulta chun suaimhnis. Dá mbeadh an chloch chúinne socruighthe ina ceart ní stroillfeadh sí: suidhte: curtha i leabaidh i gceart. Fuair sé bás uair an chluig ó shoin, tá socruighthe leis anois: réidh leis gach aonnidh. Nuair chonnac-sa iad ní rabhadar socruighthe lé chéile ina gceart in ao'chor: feistighthe: cóirighthe, curtha in eagar cheart. Dubhairt sé go raibh sé socruighthe aca gan corruighe: a n-aigne réidh air. An bhfuil socruighthe tusa do thoghadh mar cheann orainn?: ceapaighthe: réidhtighthe.

sodom: *f.1.* an chathair sin. Peaca Shodom: cumaisc neamh-nadúrtha idir fireannachaibh.

sodamach: *f.1.* duine cionntach i bpeaca Shodom.

sodomacht: *b.3.* cumaisc neamh-nádúrtha idir fhireannachaibh.

sodamán: *f.1.* duine bog, réidh, neamh-imshníomhach. Luathuigh, a shodamáin, raghair a chodladh ar an mbóthar: duine gan anam. Sodamán capaill atá ann: gan speach gan preab. Sodamán bog, sámh: duine trom, aindeis ná cuireann aon rud deabhadh ná mairg air.

sodamánta: *a. n-dh.* neamh-imshníomhach, réidh, mall. Ní coimeádfaí ag freastal é bhí sé ró-shodamánta, bheadh rochtaire ag feitheamh leis i rith an lae: ró-mhall, ró-mhío-thapaidh. Bhí-se ró-shodamánta dhóibh siúd, chuirfidís an ball aon am ort: ró-neamh-phras chun a mbeart do thabhairt fé ndeara. Go breágh bog, sámh, sodamánta leis an saoghal: ag breith fada, neamh-imshníomhach air: gan deabhadh ná fuirse lé rud ar bith.

sodar: *f.1.* gluaiseacht mhear chapaill idir rás agus shiubhal lé na dtógtar an chos thosaigh agus an chos deiridh aon taoibhe in aonfheacht i ndiaidhe a chéile go tráthamhail; gluaiseacht mhear duine; greitheal. Is maith an rud sodar is gan cosanáirde bhac: is fearr gluaiseacht cuibheasach mear ná duine do chailleamhaint a chéille ar fad: is

fearr measardhacht ná an iomad éirghe anáirde. Cuir an capall ag sodar: ag gluaiseacht mar thuas. Cuir uait an sodar: an deabhadh. "An dtiocfair liom?" – "bead id dhiaidh ar sodar" (leamhas): go mear tapaidh. Tiocfair-se chugham-sa ar sodar fós: cé ná fuil a fhonn anois ort, tiocfair agus fuirse ort: athróchair t'aigne. An rud sprionnlaithe bíonn sé ag sodar i ndiaidh lag-dhaoine uaisle: ghá leanamhaint is ag lútáil ortha. Thánag de shodar ag triall ort: chómh mear agus d'fhéadfainn. Beid ar sodar im dheóidh fós: beid taobhach liom: ag rith chugham ar nós an mhadra. An duine bocht tá sé gan sodar anois: gan puinn den luadar aige. Tugann sé a shaoghal ar sodar: go himshníomhach, gnóthach. Bead ag geamh-shodar id dhiaidh: boc-shodar: gluaiseacht idir dheabhadh agus shocracht. Sodar capaill siorraigh aige ag teacht: ag gluaiseacht go mall, trom. Cad é an sodar so fút anois?: an deabhadh neamh-ghnáthach. Cuir an capall ag (ar) sodar. Is mór go léir an lucht sodair iad: deabhadh is fuirse. Aon bhreith níl agat air siúd, a mhic, is amhlaidh bheifeá ag sodar ina dheóidh: i bhfad siar uaidh: d'iarraidh teacht suas leis.

sodarnach: *a.* go bhfonn sodair, greithealach, fústarach, áidhbhéiseach. Asal maith, sodarnach atá ann: fonn gluaiste air. Ná bí chómh sodarnach san leis gach aonnidh is déanfair i bhfad níos fearr é: gan bheith chómh greithileánach. Bír ró-shodarnach léd theangain, ná machtnófá sara labharfá: chómh háidhbhéiseach. Ná cuir do cheann sodarnach i nidhthibh ná baineann leat: claon lé cur isteach ar chúrsaidhibh iasachta. Bíonn sodarnach an domhain uile fútha: fústar: greithileán.

sodarnghail: *b.3.* lútáil, rith i ndiaidh daoine, slíomadóireacht, fuadar. Cad tá de bharr do shodarnghala agat ach tuiteam: an deabhadh is an fotharaga. Ní maith léi anois é ach beidh sí ag sodarnghail ina dhiaidh fós: fonn mór uirthi chuige. Ní fheaca riamh an súmaire ach ag sodarnghail i ndiaidh daoine móra: ag lútáil is ag rith ina ndiaidh.

sodóg: *b.2.* císte a bacáltar fén ngríosaigh, putóg; duine nó ainmhidhe bolgach, leisceamhail. Tionntuighimís an tsodóg ar aon: iompuighimís an cáca in aonfheacht: ná cuireadh sé mairg orainn ár dtuairmidhe d'athrughadh. Ní hithtear an tsodóg an ath-uair: ní fhéadfá é do bheith ina ghruth is ina mheadhg agat, id phota is id mhála. Is cuma dhuit anois, tá an tsodóg lán agat: do bholg lán. An é an tsodóg san go bhfuil obair ann, féach an bolg atá air: duine borrtha, leisceamhail.

sodrach: *a.* greithealach, fústrach, umhal. Sodrach ó mhaidean go hoidhche dho, bíonn fiche cúram in aonfheacht air: fústrach: lán d'fhotharaga. Dá mbeinn chómh sodrach leat-sa ó thigh go tigh bheadh náire orm: ag rith is gach scéal ar mo ghob agam. Nách sodrach ataoi dho, chuimileófá do leadhb de: fé bhais chait aige: ró-umhal dá mhian.

sodráil: *b.3.* ag sodar. Ní stadann ach ag sodráil leis an gcapall: ní leigeann do siubhal choidhche. Táim ar sodráil ag teacht: ar mo dhícheall.

sodraim: *b.a.* ₇ *n-a.* cuirim ag sodar, téigim i sodar. Ná sodair an capall san, tá sé ró-chortha cheana féin: ná bain deabhadh mór as. Shodair sé i gcoinnibh an aoird fén ualach: ghluais sé go héascaidh fé.

sodrálaidhe: *f.4.* duine nó ainmhidhe a shodras (shodrálas); fústaire; greithileánaidhe. Sodrálaidhe maith capaill atá agat: capall a shodrálas go maith. Chonnac chugham an sodrálaidhe, d'aithnigheas go raibh broid air: duine a bhí ag gluaiseacht go mear. Id shodrálaidhe ataoi riamh is cad tá dá bharr agat?: duine ná beireann fada ná réidh ar aon ghnóth.

sodrálaim: *b.a. 7 n-a.* (**sodraim**) gluaisim go mear, cuirim ar sodar. Ná sodráil nó sínfear thu, tá an áit an tsleamhain: ná deithneasuigh é. Sodráil leat: bí ag cur díot go luath, mear.

sógh: (**seógh**) *f.1. 7 3.* áthas, luthgháir, aoibhneas, soilbhreas, suaimhneas, sóghlas. Tá sé ar a sháimhín sógha má bhí duine riamh, gan aon rud sa tsaoghal ag cur mairge air: suaimhneas, socracht agus seascaireacht. An té ná faigheann an fheóil is sógh leis an t-anbhruithe: is aoibhinn. Níl sa tsaoghal ach ceódh is ní mhaireann an sógh ach seal: subháilceas. Ní bhíonn sógh gan an-shógh: is minic díoltar go daor as aoibhneas: leanann duadh subháilceasaidhe. Budh mhór an sógh lé n-itheadh bleaist éisc úir: budh shoghail an nidh í. Féach anois cad tá de bharr clann toghartha de bheith aca, tá, mhais, lán duirn de shógh is lán baile de dhearg-náire: fíorbheagán aoibhneasa is náire is aithis go deó dá bhárr. Drundam léi indiu as, tá an-shógh éigin air: imshníomh is míoshuaimhneas. Geallaim dhuit nách fearra dho bheith beo, is beag de shógh an tsaoghail a fuair sé: aoibhneas ná sástacht. Tigh n-a bhfuil sógh aige: suaimhneas. Bíodh sógh ort, tá saoghal maith rómhat: lúthgháir.

sóghach: *a.* sona, seascair, gealadhramach, sámh, suairc. Chaitheadar oidhche na bainise go súgach, sóghach: meidhreach, sona, sásta. "Connus tá agaibh, a chuideachta?" – "go sóghach": táimíd go sona sásta. Tá saoghal chómh sóghach lé n-a mhála aige is dá mbeadh na hacraidhe talmhan aige: chómh sásta, sona. Dá fhaid aithne agam air ní fheaca riamh ní budh shóghaighe é: níos gealadhramaighe. Lá an-shóghach d'Éirinn an lá raghadh sí 'on chogadh so: mío-ádhmharach.

sóghachas: *f.1.* lúthgháir, áthas, aoibhneas, seascaireacht, gealadhram. Cuireann sé sóghachas orm bheith i gcuideachtain shoilbhir, ní mhothuigim aimsir ná cúram: aoibhneas aige. Tá sí ag dul i dtigh maith mar a mbeidh sóghachas aice: seascaireacht. Chuir an deighscéal sóghachas orainn go léir: gealadhram: éirghe croidhe. Is fada gur bhlaiseas aon tsóghachas, ach dubh-obair is bochtanacht: aoibhneas ná soilbhreacht.

sóghamhail: *a.* (**sóghail, soghail**) saidhbhir, so-bhlasta, bríoghmhar, oileamhnach, binn, seascair, soilbhir. "Feóil shóghamhail dhá itheadh aca go milis dúlmhar, í ag leigheadh annsúd ina mbéal", ars an té go raibh dúil an mhairbh aige féin innte is gan aon dul aige uirthe: oileamhnach, so-bhlasta, bríoghmhar. Níl aon deoch is sóghmhaile liom ná an lionn nuair bhíonn an tart orm: is blasta agus is taithneamhaighe. "Mar a dtéigheann an fiadh san oidhche chun síor-chodladh sóghamhail": sámh. Blas sóghamhail na meala ar a cuid bídh: blas bríoghmhar, milis. Leabaidh shóghamhail lé luighe uirthi agat anois, codlóchair go sámh: seascair.

sóghamhlacht: *b.3.* saidhbhreas, oileamhantas (biadh), bríoghmhaireacht, binneas, seascaireacht. D'íosfá cuid mhór den mbiadh úd lé n-a shóghamhlacht: so-bhlastacht. Tá

sóghamhlacht sa bhainne sin, is maith an earra lé caitheamh é: bríoghmhaireacht. Níl aon áit go bhféachfá ná go raibh an tsóghamhlacht lé feicsint ann, troscán, rothaidhe, áruistidhe agus biadh áluinn: seascaireacht is maise.

sóghmhar: *a.* seascair, bríoghmhar, fíor-shástach. Ní fuláir nó tá saoghal sóghmhar aca, gan mairg sa tsaoghal ortha is a ndóthain aca: subháilceach, seascair. Seómraidhe sóghmhara atá ann: go bhfuil gach aon rud ar fheabhas agus go rí-thaithneamhach.

soicseanach: (**so-fheicseanach**) *a.* soiléir, soiléasta. Ach go hannamh ní raibh sé soicseanach, bíodh sé idir dhá uisce ag gluaiseacht: lé feicsint go soiléir. Táir soicseanach do dhóthain leis an hata san ort, deirim-se leat, gan aon chainnt do dhéanamh: ní deacair in ao'chor ceann do thógaint díot.

soilbh: *a.* aoibhinn, suairc, sásta, subháilceach, gnaoidheamhail. Duine chómh soilbh is bhuailfeadh leat nuair bhíonn rudaidhe ag éirghe leis, ach diabhal ceart dá mbeadh ag dul ina choinnibh: suairc. Labhair go soilbh leis, tá brón an domhain air an aimsir seo: go cneasta, mínbhriathrach. Tráth amháin bhí lucht ár dtighe-ne go soilbh, subhach sara ndeaghaidh an scaipeadh is an aindeise ortha, anois is iad atá go doilbh, dubhach: subháilceach, gan mhairg.

soilbheas: *f.1.* aoibhneas, suairceas, subháilceacht, gnaoidheamhlacht. Cuireann sé soilbheas ar mo chroidhe an lá do chur ortha 'san maoidheamh go léir a bhí ortha go gclaoidhfidís me: aoibhneas, subháilceas. Creid me leis gur mór an soilbheas liom tu do bhualadh umam, mar is breágh liom do chómhluadar: an subháilceas aigne.

soilbhir: *a.* subháilceach, gnaoidheamhail, gealadhramach, séimh, deagh-labhartha, sona. An-shoilbhir a bhí sé linn, fuair biadh is deoch is caoin-chainnt uaidh: gnaoidheamhail, mín. Brathaim go soilbhir anois go bhfuil mo dhóthain ithte agam is suidheachán seascair agam: subháilceach im aigne. Duine soilbhir atá istigh leat, tá sé cainnteach, cuideachtamhail: muinnteartha. Ní chuirfeadh aon rud aon mhairg air, bíonn sé soilbhir ar gach ócáid: gealadhramach, gnaoidheamhail.

soilbhreacht: *b.3.* subháilceas aigne, deagh-ghnaoi, cneastacht, muinnteardhas, aoibhneas. Is fada gur bhlais sé puinn de shoilbhreacht an tsaoghail, ach an aindeise: d'áthas: subháilceas. Gheóbhair aoidheacht oidhche agus soilbhreacht sa tigh sin, daoine galánta atá ann: cneastacht. An chaol-chuid den soilbhreacht do gheibheann duine i gcarcar: déanamh cneasta. Bíonn soilbhreacht mhór ag duine i gcathair, ná bíonn fén dtuaith: cao ar rudaidhibh taithneamhach do bheith, agus bualadh lé daoinibh go mbíonn saoitheamhlacht is tabhairt suas ag baint leo. Ní thaithnigheann a chómhluadar liom, níl aon tsoilbhreacht ag baint leis, ní bhfaghfá gáire ná áilt as: níl caoineas ná subháilceas ann.

soilbhrighim: *b.a. 7 n-a.* áthasuighim, cuirim áthas, subháilceas ar. Nuair raghaidh an braon fén bhfiacail aige imtheóchaidh an smúit dá chroidhe agus soilbhreóchaidh sé: gealfaidh a chroidhe: tiocfaidh meidhréis air. Tá mo chroidhe ina ghual is ní shoilbhreóchadh an saoghal mór é: ní thógfadh é: ní chuireadh aoibhneas air.

soiléar: *f.1.* an chuid de thigh a bhíos thíos fé thalamh; cúlbháidh. Tá rud sa tsoiléar aige: lón maith bídh is dighe istigh aige. Soiléar guail: poll chun a choimeádta.

soileas: (**soiligheas**) *f.1.* aoibhneas, áthas, subháilceas. Cuireann sé soileas ar mo chroidhe scéala maithe do bheith ges na cómharsanaibh: subháilceas: taithneamh. Tar éis a shíothchána do dhéanamh lé Dia do thúirling soileas ar a chroidhe is ar a anam: aoibneas, ciúnas is subháilceas.

soiléas: *f.1.* soiléire, gléineacht. Tá sé annsúd ina shoiléas ges gach éinne lé feicsint: rud soifheicse. Beidh an spéir gan aon tsoiléas indiu, tá sí ró-scamallach: gan soiléire: glaine.

soiléasta: *a.r.* soiléir, glan, neamhsmúiteamhail, glé, so-amhairc, so-thuigthe. Lá breágh chidhfeá an t-oileán ón míntír uait amach sa bhfarraige go soiléasta: glan, thabharfá fé ndeara a íoghar go maith. An míniughadh a thug sé ar an gcúrsa bhí sé chómh soiléasta san agus go dtuigfeadh éinne é: soiléir, glan, réidhtighthe. Ní fhéadfá a dhéanamh amach cad a bhí sa bhuidéal, mar ná raibh sé soiléasta: síothalta: soifheice tríd: bhí sé dorcha. Maidean aoibhinn is spéir soiléasta ann: glé: glan gan scamallaibh. Níl mo radharc ró-ghéar, ní thaidhbhsigheann rudaidhe ró-shoiléasta dhom: glan, glé: saor ó smúit nó cosc eile. Bíonn an fharraige chómh soiléasta san go bhfeicfeá síos go tóin puill: ionghabhtha leis an solas nó gathaidhe na gréine.

soiléastacht: *b.3.* soiléireacht; glaineacht, gléacht, neamh-smúiteamhlacht, so-thuigseacht. Soiléastacht an lae atá ag cur ar an iasc ná fuil sé ag breith: glaine na spéire is gléacht na mara dá chionn. Chidhfeadh dall lé n-a shoiléastacht é anáirde annsúd ar an gcnoc: é taidhbhseach is gan aon rud chun duine do chosc ar é d'fheicsint: é do bheith so-amhairc. In iongtach an tsoiléastacht atá ins na gloinidhibh seo, chidhfeá i bhfad Éireann ó bhaile leo: soiléireacht: neamh-smúiteamhlacht. Thuigfeadh éinne é lé n-a shoiléastacht: soiléire: réidheacht a chainnte nó a mhínighthe. Dá mbeadh aon tsoiléastacht sa spéir chidhfeá é, mar níl sé i bhfad uait: léargas. Ó oibrigh an dochtúir ar mo shúilibh tá breis mhór soiléastachta ionta: léargais: chidhím níos fearr leo.

soiléir: *a.* follus, so-thuigse, réidh, dearbh, so-amhairc, neamh-chrosta, neamh-achrannach, taidhbhseach, síothalta, glan, solasmhar, glé. Is soiléir ná rabhais ann is ná féadfadh neach a dhearbhadh go bhfeacaidh sé ann thu: níl aon amhras ina thaobh. Sin é, is dóigh liom, adubhairt sé, ach nílim ró-shoiléir air: ró-dheimhnightheach: níl m'aigne sásta go bhféadfainn bheith dearbhtha dhe. Tuigeann gach éinne go bhfuil aon tsaghas meabhrach aige ar an gcúrsa, ná fuil sé chómh soiléir lé bolg an lae: so-thuigse: neamh-chrosta: taidhbhsigheann sé do inchinn mar thaidhbhsigheann nidhthe don súil i lár an lae. Ná cuir a thuilleadh ceisteann air, is soiléir ná fuil freagra aige dhóibh: is follus: ní fhéadfadh aon amhras do bheith air. Tá na gloinidhe seo soiléir go maith: síothla: gan smúit ná cosc lé féachaint tríotha. An cómhartha báistighe na cnuic do bheith chómh soiléir indiu?: chidhfeá an míol buidhe ortha: gach rud bheith ag taidhbhreamh ina thoirt ortha. Ní deacair a chuid scríobhnóireachta do léigheamh tá sí an-shoiléir: furaiste na focail do mheabhrughadh is do aithneamhaint. Is soiléir ar a chuid cainnte ná fuil sé mós buidheach díot ar a ghoirgeacht atá sé leat: is follus: is furaiste a thugisint. Déin an scéal

níos soiléire dho ar eagla ná deaghaidh sé ina cheann i gceart is go ndéanfadh sé dearmhad: mínigh do é go mion i slighe is go dtuigfidh go maith é. Buadhadh go soiléir orm: go follus: ní fhéadfadh aon amhras do bheith ina thaobh. Fuaireadar amach gan puinn cuardaigh cá raibh a ghnáthóg, bhí eólas soiléir fachta aca air: beacht, iomlán. Is soiléir d'éinne cé bhuaidhfidh, ar an tslighe atá an imirt ag imtheacht: is dearbhtha, iontuighthe. Labhair go soiléir: glan, oscailte, lé huchtach maith.

soiléireacht: follusacht, so-thuigseacht, dearbhthacht, so-amhairce, léargas, gile, gléacht, solasmhaireacht, gluardhacht; réidhteacht. "An dtugair an long chun cruinnis fós?" – "tá sí ag dul i soiléireacht dom, chidhim a crainn 'sa creatlach": i léargas: tá radharc níos fearr dhá fhagháil agam uirthi. Dá mbeadh an tsoiléireacht ar an lá ghluaisfinn chun bóthair ach níl, tá sé an-cheódhach: glaine spéarach. Beidh an teanga ag dul i soiléireacht ort, mar bheir ag dul chun cinn, agus leis an aimsir: i bhfusa óir ní thaibhseóchaidh sí chómh deacair. An tsoiléireacht a labhrann sé d'fhoghlumóchadh éinne na fuaimeanna uaidh: gléine: léargas: is ionchlos gach fuaim ina ceart aige. Níor thug sé aon tsoiléireacht dom ar an gcanamhain dá fhaid bhí sé d'iarraidh í do réidhteach: aon éachtaint eólais ar an gciall atá léi. Ní le n-a soiléireacht a fhreagair sé an cheist ach lé n-a ghéireacht féin: a fusa: a crot réidh, neamhachrannach. Ní mór ná go léighfeá páipéar ar an sráid lé n-a shoiléireacht ges na lampaidhibh: solasmhaireacht. I ndiaidh a chéile bhí an seómra is a raibh ann ag dul i soiléireacht dom: seadh bhí ré solais ag teacht im inchinn ar na rudaidhibh a chonnac.

soiléireadh: *f.* (*-rthe*) míniughadh, foillsiughadh, do dhéanamh níos gléire. I ngach dúthaigh tá an ghainne is an bhochtanacht ghá soiléireadh féin, tá na daoine ag gearán: ghá dteasbáint féin. Dá mbeinn ag soiléireadh an chúrsa dho go dtuiteadh an t-anam asam ní thuigfeadh sé me lé n-a dhúire: d'iarraidh é do dhéanamh léir nó follus do. Chuadhas i bhfolach ar eagla me d'fheicsint nuair bhí gach aon rud ag soiléireadh lé breacadh an lae: ag dul i solasmhaireacht, foillsiughadh.

soiléirim: (**soiléirighim**) *b.a. 7 n-a.* foillsighim, follusuighim, taidhbhsighim níos glaine, níos so-amhairce don súil. Soiléir dom, má fhéadair, go bhfuil an mí-cheart agam: dearbhuigh dom: teasbáin dom i slighe agus ná beidh aon amhras ina thaobh. Shoiléir sé é féin go mion agus go minic tamall ó shoin, anois ní fheiceann neach é: theasbáin: thug sé é féin lé teasbáint. Soiléireóchad duit connus mar is ceart é do dhéanamh, fair gach rud a dhéinim: teasbáinfead go so-thuigse.

soiléis: *a.* geal, glé, glinn, soiléasta. Baineadh leagadh an-ghránda asam, tá mearbhall an domhain fós orm aige, níl aon rud soiléis dom: ní féidir lém shúil rudaidhe d'fheicsint go ró-chruinn ná m'inchinn iad do mheabhrughadh. Féach súil soiléis: duine go mbíonn an radharc beo, aibidh glan aige. Ó imthigh an smúit den spéir is soiléise an t-oileán dom: solasmhaire: is fusa rudaidhe do thabhairt fé ndeara: taidhbhsighid ina dtoirt níos glé.

soilghe: *b.4.* suaimhneas, lághaiche, cineáltacht, suairce, éascaidheacht. Cuireann sé soilghe orm scéala maithe do bheith agat i dtaobh do mhic: subháilceas aigne. Is mór an tsoilghe orm na cómharsain do bheith go maith: aoibhneas: sástacht aigne. A shoilghe a dhéanamh lé ceárdaidhe rianta: a fhusacht ag an té go mbíonn eólas a chéirde aige.

soilgheas: *f.1.* suaimhneas, seascaireacht, sástacht, aoibhneas. Is mór an soilgheas croidhe orm dul ag faoisdin, agus mé féin d'umhlughadh i láthair Dé: suaimhneas. Chuirfeadh sé soilgheas orm ár namhaid do chur dá threóir: aoibhneas: budh mhór an t-éirghe is an lúthghair orm é. Suidhfead lé soilgheas in bhur gcuideachtain ag ól: aoibhneas is suairceas aigne.

soiligh: *a.* suaimhneasach, éascaidh, cneasta, féicheamhanta. Tagann gach aonnidh go soiligh air, aon mhairg ní thagann air: bog, réadhchúiseach. Is soiligh an scéal agat é, gach aon rud ar do thoil agat: suairc. Is soiligh aon arm ina lámhaibh: ní deacair leis é d'oibriughadh. Nuair mhair mo ghrádh is go raibh an saoghal go maith agam, budh shoiligh sughach í mo bheatha: mo sheascair, aoibhinn, cneasta. Is soilghe lém chluais ceól bheidhlín ná aon cheól eile: is binne.

soillse: *f.4.* (**soillseadh**) gealas, solas, solasmhaireacht, gluaiseacht, gléire, gléas; solas, lóchrann, aon rud a thugas solas mór; lán-radharc. Chonnac gach aon phioc de, tháinig sé im shoillse go hiomlán: im lán-radharc. Gaibh agam, a shoillse, ar shatlas ort?: mórdhacht, a dhuine mhóir. Is eól dod shoillse, gur daoine dalla sinne seachas fear foghlumtha mar thusa: duine mórdha: ró-thábhachtach. "In aice na gcoillte i gcuim an tsléibhe, gan mhairg gan mhoill ar shoillse an lae": solasmhaireacht. Níl aon rud dá luighead é ná go bhfuil soiléasta do Sholas na soillse: solas na solas: Dia. Dá mbeinn ag gliúcghail ó shoin tríd an bpoll ní bhfaghainn soillse uirthe: lán-radharc. Bhain an splannc soillse mo shul díom: solas, radharc. Ní lá fós é mara bhfuil soillse ag bhur solas: mórchuid solais: gléacht: lasair mhór. Ó thosnuigh an cogadh tá púicín ar shoillsibh na cathrach. Lóchrann soillse don gceanntar seadh é, budh cheart dos gach éinne solaoid do ghabháil leis: coipidhe gur ceart aithris do dhéanamh. Ní he soillse mo shúl do mheasfá do bhaint díom, ná feaca go soiléir é?: radharc ná fuil locht air. Soillse na bhflaitheas dot anam an lá déidheannach: radharc glórmhar.

soillseach: *a.* gluardha, glan, glé, follusach, solasmhar. Lá ró-shoillseach é chun iascaigh, tá an iomad gréine ann: ró-ghlan, ró-ghlé: solasmhar san uisce. Sráideanna soillseacha go bpriocfá an frighe dhíobh: chómh geal san lé solas. Táir chómh soillseach agus bhís aon lá riamh, an gcuireann aon rud aon bhrón ort: gealadhramach. Oidhche shoillseach a dóthain chun eólais atá innte, ní misde dhúinn gluaiseacht: tá gealas go leór. I bhfad uaim chonnac na clocha fliucha soillseach fé thaithneamh na gréine: gléasmhar.

soillseamhail: *a.* gluardha, lonnrach, niamhdha, deallrach, ruithneach. Níor dheacair dho a eólas do dhéanamh trís na sráideannaibh, bhíodar soillseamhail go maith ges na lóchrannaibh móra a bhí ar lasadh ionta: solasmhar. Budh bhreágh leat dearcadh ar an dá shúil atá aice táid chómh soillseamhail sin: solasmhar, geal, lasta. Chidhfeá i bhfad Éireann uait indiu leis an ngréin shoillseamhail seo: lonnrach, niamhdha.

soillseán: *f.1.* tóirse, trilseán, léas láidir sholais. Ghluais an lucht oibre tríd an sráid sa doircheacht is soillseán i láimh gach éinne aca: trilseán: rud éigin ar lasadh dhá iomchar aca. Ní raibh ag teacht isteach 'on pholl mar ná raibh ann ach scoilt bheag ach soillseán

bheag: léas bheag solais. Deineadh soillseán tríd an mbaile don dtaoiseach nuair tháinig sé ar cuaird: lasadh mórchuid soillse.

soillsighim: *b.a. 7 n-a.* lasaim go gluardha solasmhar, lonnruighim, drithlighim. "Go soillsighidh Dia an solas síorraidhe d'anamaibh na marbh": go lasaidh. Soillsigh m'aineólas: tabhair solas dom san doircheacht, san daille atá ar m'intinn. Soillsigh an bealach dom, tá sé an-dhorcha: las solas dom go bhfeicead cá ngeóbhad. Nuair shoillsigh an buidéal go hobann leis an ngréin bhain sé preab asam: dhrithligh sé: tháinig gléas ann. An méid atá bainte agat dhíom nár shoillsighidh sé do shaoghal duit: nár ghealaidh.

soillsiughadh: *f.* (*-uighthe*) lasadh, gluardha, lonnradh, drithliughadh; eólas do thabhairt. Beidh an solas síorraidhe ag soillsiughadh ort lé cóngamh Dé: ag taithneamh. Bead-sa ag soillsiughadh na slighe dhuit leis an léaspán: ag tabhairt solais. Tá an mhaidean ag soillsiughadh, na scamaill ag scaipeadh: ag gealadh, ag scartadh. Lanna na gcloidhte ag soillsiughadh leis an ngréin: gléas ionta. Ag soillsiughadh na cathrach lé haibhléis: ag tabhairt solais di léi. Fear mo shoillsighthe: mo mhúinte.

soimisiúnta: *a.r.* cinnte, socruighthe, deimhnightheach, suidhte, ceapuighthe. Ná bí ró-shoimisiúnta in ao'chor go dtiocfadh sé, is geallamhnach cailleamhnach: ró-dheimhnightheacht. Níor bh'aon tairbhe bheith leis, bhí sé soimisiúnta ar dhul ann: é suidhte, meáidhte ina aigne aige. Scéal soimisiúnta seadh anois é, ní haon mhaith bheith leis: socruighthe, réidh. Go soimisiúnta fuair sé an áirighthe sin airgid: go deimhnightheach, cinnte.

soimisiúntacht: *b.3.* deimhnightheacht, cinnteacht. Baineadh preab as nuair coisceadh air dul ann is a shoimisiúntacht a bhí sé air: a cheapuightheacht a bhí sé ina aigne. Ní féidir aon rud d'áiteamh air lé n-a shoimisiúntacht, dar leis: a dheimhnightheacht is a chinnteacht bhíonn sé de rud.

soineann: *b.2.* deagh-aimsir, meidhréis, socracht aigne. Ceódh soininne ar aibhnibh ceódh doininne ar chnocaibh .i. nuair bhíonn meirge ag éirghe as aibhnibh cómhartha deagh-aimsire bhíos ann. Cómhartha na doininne an oidhche bheith soineann: breágh, aoibhinn. Lá maith arbhair a dhéanfaidh an lá indiu, beidh soineann is gaoth aige: grian. Dá mbeadh soineann go Samhain ann bheadh breall ar dhuine éigin: dá fheabhas agus dá fhaid an aimsir bhreágh bheadh mórán ná friothálfadh í. Is beag in ao'chor an chúis áthais a gheóbhadh sé nuair bheadh soineann ar a aigne: ciúnas is subháilceas. Is soiligh rud do dhéanamh lé soininn: i dtráth chaothamhail. Ar an bhfarraige aniar ó phort go port bhí soineann ag an luing: aimsir chórach.

soineannaighe: *b.4.* aimsir bhreágh. B'shiúd í an oidhche soineannaighe ag éinne amuigh, b'ait leat aon díoghbháil do thárlachtaint: an oidhche chiúin, aoibhinn. Dá shoineannaighe agus bheadh sé budh cheart do dhuine aire do thabhairt do féin ar an muir: dá bhreághthacht. Soineannaighe an lae: aoibhneas is ciúine.

soineannda: (**soineannta**) *a. n-dh.* aoibhinn, socair, ciúin, deagh-amhairc, lághach. Pé saghas oileamhna atá aige tá clódh soineannda air: sláinteamhail. Cailín chómh

soineannda agus bhuailfeadh leat: deagh-amhairc, cneasta. A bhuidhe lé Dia, budh dheacair dom aigne bheith níos soineannda: cneasta, socair, gan mhairg. Cad is breághtha 'ná is fearr do dhuine 'ná aimsir shoineannda: aoibhinn, socair, bríoghmhar. Dá bhfaghainn tráth soineannda chun a dhéanta, bheinn air gan mhoill: oireamhnach: éascaidh: taithneamhach. Bítear níos soineannda leis ná mar tá tuillte aige, tugtar do mar oireann do: níos cneasta agus níos féile. Tá ceannaghtha bhreágh, shoineannda air: a thaithneóchadh lé duine.

soineanndacht: *b.3.* ciúnas, cneastacht, caoineas, breághthacht, taithneamhacht. Le soineanndacht na hoidhche agus ciúine na cathrach chloisfeá glór ar an sráid i bhfad ó bhaile: mairbheacht agus breághthacht. Is léir ón soineanndacht atá ina haghaidh siúd gur bean bhog, charthannach atá innte, is uirthi ná fuil an chuma mhalluighthe ná goirgeach: buige, cneastacht, caoineas. Níor dhóigh leat go mbeadh peaca sa tsaoghal air, tá cuma na soineanndachta chómh mór san air: saontacht: neamhchionntacht.

soinneán: *f.1.* siolla láidir, feóchan, ruadhghaoth. Soinneán isteach fén ndoras a leathfadh na cait: siolla: gaoth fhuar ag teacht trí scoilt nó oscailt. Líon agus bhorr a cuid anairte gur luigh sí ar a cliathán leis an soinneán gaoithe do ghaibh go hobann í: feóchan. Chómh luath agus chidhfeá aon tsoinneán ceóidh ar an bhfarraige mholfainn bheith ag baint na talmhan amach: gal ceóidh. Is fuar é soinneán an mháma: an ghaoth a thagas ina siolla tríd.

sóinseáil: (**seóinseáil**) *b.3.* d'athrughadh, do mhalartughadh, athrach, iomlaoid, mion-airgead, iarraga, fiacha. Tabhair dom sóinseáil ar an bpúnt so: airgead níos mine, mar bheadh scillingidhe, pingnidhe, etc. Ní fhéadfadh sé sóinseáil scillinge do thabhairt duit: tá sé an-bhocht. Cuarduigh do phócaidhe, féach an bhfuil aon tsóinseáil ar a dtóin?: mion-airgead. Cham sé sa tsóinseáil ort: níor thug do cheart mion-airgid duit. Mo thuairm go bhfuil sóinseáil agat orm, tagair don leabhar annsan: beagán éigin fiach. Níor dhóigh leat ná go bhfuil sóinseáil ar an lá indiu, tá mórán míola corra amuigh: athrughadh lé teacht ar an aimsir. Mara dtéigheann sóinseáil ar an aimsir lobhfaidh curadóireacht: atharughadh. Ní raghaid aon tsóinseáil choidhche ar fheabhas air: aon leasughadh beatha.

sóinseálach: (**seóinseálach**) *a.* athrach, malartach, taodach. Aimsir shóinseálach níor cheart duit gabháil amach gan do bhrat: athrach: claon lé malairt. Duine sóinseálach seadh é, ní bheadh mór-mhuinghin agam as: duine go n-athruigheann a aigne go hobann nó ar bheagán cúise: taomanach.

sóinseálaim: (**seóinseálaim**) *b.a.* ₇ *n-a.* athruighim, malartuighim, tugaim mion-airgead ar, mionuighim. Is mór mar sheóinseáil sé, eisean a bhí téagartha gné-dhearg, anois caol mí-lítheach: mar athruigh sé: go dtáinig malairt crota air. Shóinseáil a dhath nuair tugadh breith báis air: d'athruigh an líth ann: tháinig dath báidhteach, bán air. Is aoibhinn an ceanntar é, níl uain den ló go seóinseálann sé a dhath: tagann malairt gné ar uachtar na talmhan ón spéir. An seóinseálfá an bille chúig bpúnt so dhom?: an dtabharfá dhom é in airgead mhion?: an mionófá dhom é? Shóinseáil an aimsir mar bheifeá ag bualadh do dhá láimh ar a chéile: d'athruigh: tháinig a malairt. Sheóinseáil sé a shuidheachán: d'fhág sé

an ceann a bhí aige agus chuaidh i gceann eile nó thóg sé malairt ina ionad. Sóinseáladh ón bparróiste é: tógadh as é agus cuireadh i bparróiste eile é.

sóinseálta: (**seóinseálta**) *a.r.* athruighthe, malartuighthe, mionuighthe. Ní tú an duine céadna in ao'chor, táir sóinseálta ar fad: malairt crota tagtha ort. Táir sóinseálta id mheón: ní mar dhéinteá do dhéinir in ao'chor anois. Tá an aimsir sóinseálta ar olcas: athruighthe. Dá mbeadh an t-airgead so sóinseálta agam roinnfinn oraibh é: mionuighthe: é ina chodaibh níos lugha. Ní bhfaghair chómh bog é agus bhíodh, gheobhair sóinseálta ar fad é: athruighthe: malairt meóin is gnímh fé. Tá sé sóinseálta ó Chorcaigh go B'l'Áth Cliath lé fada: athruighthe: curtha. Tá an t-am sóinseálta dhá uair an chluig chun cinn i Sasana anois: athruighthe: curtha. Dá mbeadh an ghaoth sóinseálta chun na talmhan bheadh breis tiormacht ar an aimsir: athruighthe san árd sin. An bhfuil sé sóinseálta mar sin i bpoilitidheacht?: an bhfuil athrughadh tagtha ar a thuairmidhibh.

soipín: *f.4.* sop beag, ádhbhairín féir, caonaigh, etc. Dá mbeadh soipín fé cheann na bó choimeádfadh sé ó bhúithrigh í: ádhbhar féir, coirce, etc. Caith soipín cois na teineadh chughat féin is sín siar air: ádhbhairín tuighe, etc. Aon tsuim ní chuirim ionat, im thuairm-se níl ionat ach soipín: duine gan áird: suarachán: duine gan aon fhuaimeant.

soir: *d-bh.* san treó thoir, ag dul fé dhein na háirde. Féach anois an clódh atá ar an áit id dhiaidh, gach aonnidh soir siar: caithte gan riar ná órdughadh. Bhíos chómh dall sa cheódh ná feadar soir seachas siar: áird aca ón áird eile: bhíos as m'eólas ar fad. Ní gheóbhadh sé soir ná siar dom: ní dhéanfadh sé rud in a'chor dom. Ní fheadar cá bhfuighead anois iad, táid scaipighthe soir siar: imthighthe lé fan. Soir atá mo thriall is siar atá mo ghrádh: duine ag triall ar áit nó ar rud is gur b'fhearr leis a mhalairt ar fad: ag déanamh an ruda nách áil leis. Soir ó dheas a raghaidh an ghaoth: san áird idir thoir agus theas. Tógadh binn an tighe soir ó thuaidh: san áird idir thoir agus thuaidh. Chaith sé furmhór a shaoghail sa tíorthaibh soir: na dúthaighe atá i bhfad ó bhaile, mar an tSín, 'san tSeapáin, etc. An uair budh dhóigh leat é sin do bheith ag gabháil soir is ag gabháil siar do bhíonn sé .i. ní bheadh fios a aigne ná a gnótha agat.

soirbh: *a.* éascaidh, rathmhar, suairc, mánla, cneasta, ciúin. Gach aon chrot ar an scéal go bhfuil saoghal soirbh rómhat: suairc, sásamhach. Éirigheann an uile nidh go soirbh leis an bhfear gcéadna: gan mairg sa tsaoghail: éascaidh: rathmhar. Níor shoirbh an uain ag imtheacht aca í, bhainfeadh cloichsneachtadh na súile asat: níor shubháilceach. Bhí aimsir shoirbh ag an luing ag teacht, bhí gach éinne uirthe go lánshásta: ciúin: cneasta. D'fhéadfadh éinne dul chun cainnte leis, cá bhfaghfá duine is soirbhe ná é: is míonla agus is lághaiche. Labhair sé an-shoirbh liom tá orm a rádh, cé go raibh cion a mhalairte aige: an-chaoin, an-chneasta. Ar an méid uair atá na cosa beartha aige leis as dhraipeannaibh ró-chonntabharthacha tá pláinéad soirbh éigin os a chionn: ádhmhar.

soirbhe: *b.4.* éascaidheacht, ádh, rathmhaireacht, socracht, cneastacht, ciúineacht. Bhí sé d'ádh riamh air gur lean an tsoirbhe é: éascaidheacht: tráth is cor go mbeadh an rath leó. Níor bhain sé riamh lé rud ná go raibh an tsoirbhe dhá leanamhaint: an t-ádh, an seans. Soirbhe ó Dhia ort, mar is mór do thuillir é: rath: lámh Dé go raibh leat. Nách mór an luaidheacht ó Dhia dho an tsoirbhe aigne atá aige, go leigeann sé thart mórán a

ghoillfeadh ar an saoghal mór ach air: suaimhneas agus cneastacht. Tá an churadóireacht go maith, mar fuair sí soirbhe síne: breághthacht is aoibhneas.

soirbheasach: *a.* rathmhar, ádhmhar. Is tú is soirbheasaighe ar m'aitheantas, bail ó Dhia ort, ní théigheann aon rud id choinnibh: rathmhaire. Aon chúis ná ceart gearáin níl agam, tá go haonnidh ag éirghe liom go soirbheasach: rathmhar: ádhmhar. "Connus atá agat?" – "go soirbheasach": rathmhar: gach nidh go hiongtach.

soirbhighim: *b.a. 7 n-a.* fóghnaim, maoluighim, faoisighim, réidhtighim, tairbhighim, déinim bail. Go soirbhighidh Dia dá anam anocht agus d'anam mharbh an domhain, budh mhaith agus budh charthannach an duine é: go bhfóghnaidh: go gcuiridh Sé an rath ar neamh air. A bhfuil déanta anois agat ní shoirbheóchaidh sé dhuit, tá an iomad den éagcóir ann: ní raghaidh sé chun do mhaitheasa: aon bhail ní dhéanfaidh duit. Ní heól dom cad shoirbheóchadh a bhuadhairt, tá sé an-mhór trí chéile. Aon rud in ao'chor a shoirbheóchadh an tinneas atá im chnámhaibh: mhaolóchadh: luigheadóchadh. Ní shoirbheóchaidh bláth-chainnt in ao'chor an droch-chor atá ar an ndúthaigh: ní réidhteóchaidh ná ní chiúnóchaidh.

soirbhiughadh: *f.* (*-uighthe*) suairciughadh, maolughadh, d'fhóghnamh, dul ar aghaidh, réidhteach. Muire go raibh ag soirbhiughadh dom anam: ag fóghnamh: ag cabhradh leis agus ag réidhteach do. Ní raghadh aon tsoirbhiughadh ar a aigne, ní haon mhaith dhom bheith ghá mhaolughadh: ceannsughadh, ní imtheóchadh an suathadh dhi. A bhuidhe lé Dia, tá gach aon rud ag soirbhiughadh chugham: ag dul ar aghaidh: an rath ar gach rud a bhaineas liom. Ní haon tsoirbhiughadh ar m'aigne cainnt mhilis, b'fhearr liom mo chuid d'fhagháil: maolughadh ná ceannsughadh. Pé achrann a bhí eatartha, tá sé dhá shoirbhiughadh eatartha, táid chómh muinnteartha is bhíodar riamh: dhá shocrughadh.

soiscéal: *f.1.* aon cheann de cheithre eachtraibh ar bheatha is bás ár Slánuightheóra ag Matha, Marc, Eóin is Lúcas; sliocht as an soiscéal i gcóir seanmóna; aon rud a chraobhscaoiltear agus a bhíos fíor, neamh-earráideach: cómhrádh, cainnt fhada: teachtaireacht Chríost. Bhíodh soiscéal aige ar gach aon eachtra: tráchtas fada agus a cheapaithe féin go daingean. Déin é is bíodh soiscéal ag an ndúthaigh ort: tabhair cao dhóibh ar tu do bheith ina mbéal is ina mbrághaid. Tar éis a bhfuil ráidhte, deireadh an tsoiscéil an t-airgead: pé rud adéarfam nó ná déarfam sé an t-airgead go mbíonn an cion air: ní féidir déanamh gan é. Caith uait é, tá do dhóthain ráidhte agat air, ná déintear soiscéal dhe: iomad cainnte: seanmóin. "Agus mar an gcéadna do órduigh an Tighearna don druing fhoillsigheas an soiscéal a mbeatha d'fhagháil ón soiscéal" (1. Coir. IX. 14): a bheadh ag craobhscaoileadh briathar Dé. "Agus do déantar an soiscéal so na ríoghachdha do sheanmóir ar feadh an domhain uile, mar fhiadhnaise do na huile chineadhachaibh: agus annsin tiocfaidh an deireadh" (Matha XXIV. 14): focal Chríosta. "Óir bíodh go ndéanainn an soiscéal do sheanmórughadh, níl adhbhar maoidhfheachais agam: de bhrigh go bhfuil sé ina éigean orm: agus as truagh dhom muna ndéana me an soiscéal do sheanmórughadh" (1. Coir. IX. 16). A cheart féin a thabhairt do chách agus a fhagháil b'shin a shoiscéal riamh: an riaghail bheatha a bhí aige.

soiscéalach: *a.* ag baint leis an soiscéal; tugtha do sheanmóin nó scéal fada do dhéanamh de rud. Nách soiscéalach an bhean í, ó Chorcaigh aníos má tá scéal ann bheadh sé aice: bíodánach: tugtha d'iomchar scéal.

soiscéalaidhe: *f.4.* scríobhnóir d'aon des na cheithre soiscéalaibh; seanmónaidhe; bíodánaidhe, suainseánach. Is measa tusa 'ná an soiscéalaidhe mná san, thabharfá an lá suidhte síos ag éisteacht léi ag suainseán: aithis. Is aoibhinn an soiscéalaidhe ar altóir é: seanmónaidhe.

soiscéalaidheacht: *b.3.* seanmóinteacht, foillsiughadh an tsoiscéil; craobhscaoileadh bréithir Chríost. Ádhbhar sagart ann sa bhfásaigh ag soiscéalaidheacht do dhream nár airigh focal ar Dhia riamh roime seo: ag teagasc chreidimh fhírinnigh. Ná tabhair aon ghéilleadh dho, dhéanfadh seisean soiscéalaidheacht ar aonnidh dhuit: eachtra mhór, fhada: chuirfeadh a chóiriughadh féin ar gach aithris.

sóisear: *f.1.* an t-aos óg, duine is óige. Is tu mo shóisear de bhliadhain díreach: táir níos óige 'ná me. Peaca an tsínsir, claoine an tsóisir: an sean-dream go holc chun peacaidhe do dhéanamh, is na daoine óga, díothumhalta: ná glacfadh lé teagasc. Ranganna sóisir na scoile: ina mbíonn na leanbhaidhe is óige.

soisteán: *f.1.* seasamh daingean, ionad. Is cuma dhuit cad dhéanfaidh éinne eile congaibh do shoisteán cois teine: t'ionad. Níl ach aon tsoisteán amháin íle ar fuaid an Daingin: ionad nó áit chun a riartha.

soitheach: *f.1.* áthrach, árus cruinn déanta de stabhaibh is greamuighthe lé fonnsaidhibh, is dhá cheann slinne ann; baraille; long, brú ainmhidhe. Déanamh an tsoithigh ag teacht an uile lá air: bolg mór air. Lán soithigh sa mhuic sin: oiread feóla innte nuair bheadh sí marbh is a líonfadh é. Lán soithigh d'airgead aige: mórchuid. Gheóbhaidh an mhuc an soitheach: marbhófar í, leasófar agus íosfar. Soitheach an ghamhna: árus an ghamhna. Bheadh soithighe óir aige dá gcoimeádadh sé é: mórchuid Éireann. Soitheach plúir, fíona, ime, éisc, salainn, feóla, brioscaidhe, beórach, etc. Is mór é torann an tsoitigh fholamh: is é an té is lugha inchinn is mó gleódh. A shoithigh spriodálta: árus: ag tagairt don Mhaighdin. A Shoithigh Onóra, na cráibhtheachta, etc.: is ionat do lonnuighid na tréithe glórmhara so. "Acht níl neach ar bith lasas coinneall fholchas faoi shoitheach í, ná chuireas faoi leabaidh í, acht cuiridh sé i gcoinnleóir í do chum go bhfaicfeadh an luchd théid a sdeach an solas" (Lúcás VIII. 16): fé bharraille. "Brisfe tu iad lé slait iarainn; mionbhrúighfir iad iona gcodaibh mar soitheach criadh" (Sailm II. 9): árus. Glór ar nós an tsoithigh aige: glór folamh.

solaisín: *f.4.* solas beag. Ní raibh ach solaisín ag teacht ón gcoinnill san gcistinn mhóir: lag-sholas. Dá dtagadh aon tsolaisín as an dtine: aon tsaghas lasta.

solaoid: *b.2.* míniughadh, foillsiughadh, réidhteach, cosamhlacht, taidhbhse, sampla, coipidhe, pátrún, rud insheachanta. Is deacair an poinnte dlighe sin do thuigsint, ach seo solaoid a thárlaidh i gcúirt an lá fé dheireadh: cás a mhínigheas é. Nách gleóidhte an tsolaoid don bparróiste thu agus an drochfhuadar atá fút: an duine gur fiú aithris do

dhéanamh air. Marbhuigheann solaoididhe na muca: bhrisfeadh sé croidhe bheith ag deimhniughadh dho aithris do dhéanamh ar an rud so agus ar an rud úd lé déanamh. Tabharfad solaoid leis an saghas duine atá ann: inneósad rud éigin duit ina thaobh a chuirfidh in iúil duit cad é mar shaghas atá ann. Déanfar solaoid díot mara stadair des na bóithribh atá fút: cuirfear duaidhnéis ort mar fhógra bagartha do dhaoinibh eile. Ní chuirfeadh aon rud amach as a cheann ná go bhfeaca sé solaoididhe éigin: taidhbhsighe. "An ngéillir go bhfuil púcaidhe (taidhbhsighe) ann?" – "ní fheadar; tá solaoididhe éigin ann": chidhtear rudaidhe nách ón saoghal so, is nách féidir bheith deimhnightheach dhíobh.

solas: *f.1.* an gníomhaidhe sin i nádúir trí n-ar féidir nidhthe bheith infheice nó geal don radharc; aon rud a dheineas nó a thugas solas, glus; cómhacht rud do thabhairt fé ndeara leis an súil, slighe solais do dhéanamh nó do thabhairt; an fhéachaint a bhíos i ngnúis an duine; eolas; duine cliste. Thiocfaidís idir thu agus solas na gréine dá bhféadaidís é: gile. Solas na gealaighe: an mhotháilt a chuireann rudaidhe ar an radharc lé n-a ngile nó a soillseacht nádúrtha nó tacair. Fág an solas uaim: fág as an slighe go bhfeicead. Is í solas a dhá shúl í, is mór é a chion uirthi: duine fíor-ionmhuin aige. An solas a tháinig ina shúilibh nuair chonnaic sé go raibh sé cluichte: do sheasamh an radharc aige: tháinig scannradh ionta. Do las solas ina súilibh nuair chonnaic an té sin ná feacaidh sí leis na ciantaibh roime sin: d'aithneófá ar a súilibh gur chuir sé áthas uirthe. Bímís ag cur dínn sara dtréigeann an solas orainn: gile an lae: solas an lae. Dá mbeadh an solas go maith agam-sa (im shúilibh) ní bheinn ag brath ar éinne snáithín do chur sa tsnáthaid dom: an radharc. Tabhair solas don dteine, don lóchrann, lampa: las í lé lasán, siúirdín, etc. Faigh solas dom go gcuarduighead an áit dhorcha so: lóchrann, etc., aon rud a ghealfadh an ball i slighe is go mbeadh nidhthe soi-fheice agam. Táim chómh dall agus bhíos riamh, níor thug sé aon tsolas dom ar cad chuige gur haistrigheadh annso me: aon eólas: éachtaint. Lé linn broide nó gábhtair ritheann sé chuige cad is ceart do do dhéanamh i gcómhnaidhe, tá solas na nádúra aige, deimhnightheach: iomas, meabhraidheacht gan chóngamh. Ní mór adubhart léi, thugas fé ndeara solas an chómhraic ina súilibh: corruighe, anamamhlacht. An agaibh do báthadh a choileáin? níl aon ré sholais ná go mbíonn sé agaibh: gach tráth: gan sibh d'fhágaint in ao'chor. Is fada agus is fada thugamair ag rámhaidheacht sara dtáinig an talamh i solas dúinn: i radharc. Ní hé solas mo dhá shúl do mheasfá do bhaint díom: radharc: táim deimhnightheach go bhfeaca é. Is ar an mbaile seo chonnaic sé an solas: a saoghaluigheadh é. Bíonn an oiread san solais san uisce ann go bhfeicfeá tóin puill nách mór: gléineacht: gileacht. Glan as mo sholas: fág mo radharc. Is mó fear folamh sa tsolas ná cúig ar árd: is mó bhíonn duine gan rud aige sa tslighe ná cúigear lánfhásta .i. rud aca: is lugha a bhíos fáilte roimis. Solas Dé dá chodladh is solas an bhodaigh dá dhóghadh: ag caitheamh an lae san leabaidh is ag caitheamh na hoidhche ar an dteinteán. Ag caitheamh an tsolais ist oidhche is ag caitheamh an tsúsa sa ló: suas ist oidhche, i gcodladh ist ló. Ná múchadh an solas orm: ná cuir in éag é: ná cuir as é. Nár mhúchaidh Dia solas na bhflaitheas orainn: nára thárla ná leigfeadh Sé ina radharc sinn. Soillse na cathrach: mórchuid solas. Gan solas im shúilibh ach solas an ghrádha: treóir eólais. Léas sholais níor fhág an splannc agam, dhall sé amach me: gath. Ní tháinig an long i solas fós: i radharc. Sin é an solas caoch atá ag an lóchrann so: lag: ní mór is féidir d'fheicsint leis. Caoch-sholas a thugann coinneall bheag uaithi i gcómhnáird le coinnill phúint: solas ná bíonn glé ná geal. Clap-sholas (breac-sholas) an tráthnóna díreach ann,

agus budh bhreágh an uain í le héirghe amach: an chrón-thráth: amhascarnach etc.: cómhrac lae is oidhche.

sólás: *f.1.* aoibhneas (aigne), subháilceas, seascaireacht, cómhfhurtacht, sásamh. Cuireann sé sólás orm bheith ag éisteacht le ceól breágh: sástacht aigne: taithneamh ar mo chluais. Budh mhór an sólás di an corpán d'fhagháil lé hadhlacadh is gan a smaointe bheith ar an muir mhóir faid mhairfeadh sí: sástacht aigne lé linn bróin. Budh mhór an sólás di ina sean-aois a hinghean do bheith aice chun aire do thabhairt di: duine chun fuascalta do dhéanamh ar a gearántaibh. Ó bhuaidh sé orm is mór an sólás liom gur buaidheadh air: sásamh ar m'aigne: bogadh ar an ngiobadh a cuireadh orm. Sólás na bhflaitheas dot anam, mhuis, as a bhfuil déanta agat dom: aoibhneas: lúthgháir. Bíodh do chreideamh mar shólás agat id bhuaidhreamh: rud a mhaolóchaidh agus a éadtromóchaidh do bhrón. Ní bhíonn an tsólás aice, an bhean bhocht, ach a gal pípe: aon rud go mbainfeadh sí sásamh as. Is mór an sólás i dtigh an ghlaineacht: seascaireacht. Ó tá sé fachta de shólás saoghail agam go bhfeaca do dhóthain agat: sásamh beatha. Is mór an sólás teine bhreágh mhóna oidhche gheimhridh: aoibhneas: rud a thógas an croidhe lé sástacht. Ghaibh sólás an doras isteach chughainn an lá tháinig sí mar bhean mhic: lúthgháir agus sonas. Bainim sólás ceart as a chuideachtain, is breágh liom bheith ag éisteacht lé n-a dhéisbhéalaidheacht is a scéalta grinn: sásamh.

solasach: *a.* go solas, glan, glé, taithneamhach. Níl uisce na habhann solasach a dhóthain tar éis tuile na hoidhche: ní féidir feicsint tríd. Bíonn an lá go solasach ann sara n-éirigheann éinne sa tigh seo: go geal. Ní raibh aghaidh an chluig solasach go leór go bhfeicinn cad é an t-am é: soi-fheicse: glan lé feicsint. Coinneall mhaith sholasach ar lasadh ar bhonn na fuinneóige: go leór solais aice.

sólásach: *a.* áthasach, seascair, sona, suairc, gnaoidheamhail. Is breágh an rud do dhuine aigne shólásach do bheith aige: suairc: neamhmhairgeamhail. Is sólásaighe bheinn im aonar 'ná bheith i gcuideachtain thoirmisc: is suaimhneasaighe aigne. Táim sólásach indiu go bhfuil an deaghscéala san fachta agam: sona im aigne: gan buaidhreamh: áthasach. Ní fhéadfá faic do dhéanamh do, ní duine sólásach é: so-shásta.

solasmhaire: *b.4.* glaine, gléine, gealas. Oidhche gan aon rian solasmhaire a bhí innte, ní fheicfeá an té a chuirfeadh méar it shúil: glaine amhairc. Níl aon tsolasmhaire ag an lampa san: ní mór go bhféadfá léigheamh leis: gileacht: de neart solais ann go bhfeicfí go soiléir leis: soiléireacht. Chidhfeá i bhfad ó bhaile lé solasmhaire an lae: gile: gach aon rud ag taidhbhseamh go glé soiléir ó sholas an lae.

solasmhar: *a.* glé, glan, soiléir, soiléasta, oscailteach, mínightheach. Ní raibh an seómra solasmhar go leór go bhféadfainn mo chuid éadaigh do chur umam: soiléasta: an oiread solais ann is go bhfeicfinn i gceart. Tógadh an tigh in ionad neamh-sholasmhar, ní mór ná go mbíonn sé dorcha ann: neamhshoiléir istigh ann: gan mórchuid de sholas an lae ann. Sin í an íle is solasmhaire a cheannuigheas riamh: is gléine lé féachaint uirthi nó is mó a thugas solas uaithi. Is solasmhaire an sáile ar ghainimh ná ar bhonn feamnaighe: is síothla: is fusa feicsint tríd. Dar liom-sa, gur labhair sé solasmhar go maith, thuigeas gach focal dá ndubhairt sé: glan: soiléasta. I mbréithribh solasmhara: a thugas eólas.

solasta: *a. n-dh.* geal, lonnardha, deallrach, glan, soillseach. Croiceann glan solasta air: snódh is fuil ann. Ní heól dom cad tá sa bhuidéal níl sé go ró-sholasta: ní furaiste feicsint tríd. Chonnaic sé an rud ar bharra na farraige chómh solasta is gur bh'fhéidir leis a aithneamhaint cad a bhí ann: soiléasta: léir: glan. Tigh gealtha lé haol go solasta fé thaithneamh na gréine: soiléir: so-amhairc: taidhbhseach.

sólásuighim: *b.a.* áthasuighim, maoluighim, faoisighim, sásuighim, suaircighim. "Téanam, glacam ár sáith grádha nó go dtí an mhaidinl sólásuigheam sinn féin lé grádhaibh" (Seanráidhte VII. 18): sásuigheam: bainimís aoibhneas as. Ní shólásóchaidh airgead mo bhrón: ní fhaoiseóchaidh: ní mhaolóchaidh pioc é. Ní shólásóchainn an méid sin é go dtabharfainn cluas dá chuid bladhgair: ní chuirfinn an méid sin sásaimh air.

soláthar: *f.1.* do ghnóthughadh trí bhailiughadh nó obair, d'fhagháil, do chruinniughadh, thuilleamh, cantam, saothar, lón, bailiúchán. Níl ach éinne againn ag soláthar chun an tighe: ag saothar: ag obair, ag bailiughadh bídh, ag breith aon ruda chun maitheasa: ag tabhairt cónganta. Má tá an méid sin bailighthe ó mhaidean agat, tá árd-sholáthar déanta agat: an iarracht bhailighthe. Is tusa an té is fearr do scaoileadh sa tsoláthar: ag lorg ruda a bhíos ag teastáil. Budh dhiail an soláthar a dhein sé agus an tsuim mhór airgid sin do chur as tóin a chéile: bailiúchán: cuardach, lorg agus saothar. Tá an lucht ceannais ag soláthar fínéachta ar a ndícheall chun na cora do chur ina leith: ag bailiughadh is ag lorg. An sean-éan ag soláthar bídh dos na gearrcaigh: ag lorg is ag bailiughadh chúcha. Cuir an scéal so, leis, i mbolg an tsoláthair: leabhar ina mbíonn bailiughadh mór seanachais, etc. Mara mbeadh an soláthar do dheineas in am do bheinn gan gráine plúir sa tigh: an lorg is an cur lé chéile. D'ith an madra do sholáthar (bídh): an méid a bhí curtha féd chóir. Níor bh'iongadh do Shasana bheith láidir, saidhbhir is a raibh ag soláthar chúiche: ag saothar di is ag bailiughadh chúiche. Chuir sé soláthar maith airgid tharais, thuilleadh sé cuid mhaith is ní raibh sé caithteach: suim mhór. D'imthigh sé ag soláthar tuicéadaidhe i gcóir an amharclainn: ar a lorg. Ag dul sa tsoláthar i gcómhnaidhe dhuit: do shíor ag lorg an ruda ná bíonn agat féin. D'iarr sé airgead orm, dubhart leis dul agus é do sholáthar ó dhuine éigin eile: é d'fhagháil. "Níl faic agaibh anois gur thugabhair dom-sa é seo" – "beam ag soláthar": d'iarraidh a mhalairte d'fhagháil. Do bhí obair agam ag soláthar ionad mo chos sa doircheacht: ag lorg is ag brath rómham cá gcuirfinn mo chosa. Soláthar an chromáin aige seo ar a chuid airgid: duadh mór ghá bhailiughadh agus gan aon choimeád aige air. Lá amháin gan choinne ag duine leis d'árduigh sé a sheólta is d'imthigh ag soláthar a bheatha: ag déanamh pé áit ina bhfaigheadh sé cao air. Imthigh ag soláthar an dochtúra, tá an duine seo an-ghonta: ag lorg pé áit ina mbeadh lé fagháil: cuardach. Soláthar amhrán é seo a bhailigheas ós na seandaoinibh: tiomargadh. Nách breágh gur orm-sa bhíonn gannaidhe an tighe do sholáthar: do thuilleamh: do bhailiughadh: do bhreith chun cinn spric. Riamh, riamh ní fheaca thu ach do mhéar id bhéal agat ag soláthar: ag lorg ar iasacht. Soláthar dhá oidhche d'iasc an méid a marbhuigheadh i dteannta a chéile.

soláthrach: *a.* bailightheach, dícheallach, loirgtheach. Má tá sé lé fagháil in aon áit gheóbhaidh súd é, níl neach is soláthraighe 'ná é: is fearr chun bailighthe is faghála. Ní fhéadfadh éinne a rádh gur éan soláthrach an chuach: loirgtheach dá gearrcaigh. Duine

soláthracha seadh iad, dá mbeadh rud lé fagháil in aon áit bheidís ar a thóir: go maith chun dul i gcóir ruda do shroichstint. Tá sé gach aon phioc chómh soláthrach lé seangán: chómh dícheallach chun lóin do bhailiughadh.

soláthraidhe: *f.4.* duine dícheallach, bailightheóir, cuarduightheóir, loirgtheóir. Á, creid me leis gur maith an soláthraidhe an madra san do féin, dá mbeadh cnámh ar bóiléagar ar an mbaile is leis do thuitfeadh sé: cuarduightheóir. Cé ná caitheann sé leathphingne dá chuid leis níl aon lá théigheann sé 'on bhaile mhór ná go mbíonn a bholg lán de bhiadh is de dhigh aige, togha soláthraidhe atá ann: duine lán-dícheallach chun dul i gcóir a choda. Soláthraidhe maith a gheóbhadh a dhóthain tobac anois: loirgtheóir dícheallach. Mara mbeadh soláthraidhthe na talmhan connus mhairfimís in ao'chor: na feirmeóiridhe. Soláthraidhe maith dá bholg seadh é: é go hiongtach chun dul i gcóir a choda, ó chách, leis, go minic. B'é seo soláthraidhe an airgid dos na corthaibh gránda so do dhéanamh: a thugadh uaidh é.

soláthruighim: *b.a.* ₇ *n-a.* gnóthuighim, sroichim, loigim, cuarduighim. Soláthruigh sagart go tapaidh, tá an duine seo i mbaoghal bháis: faigh: cuarduigh agus glaoidh air teacht. Go soláthruighidh Dia dhúinn le linn ár ngábhtair: go gcuiridh Sé in ár dtreó an rud a bhíos ag teastáil uainn. Cá soláthróchad a mhalairt seo anois go bhfuil sé briste agus a dheacracht a chómh d'fhagháil?: cá ngnóthóchad?: connus shroichfead ceann eile? Soláthróchaidh súd an fearas iascaigh má sholáthruighir-se an bád: sroichfidh: gheóbhaidh. Soláthruigheadh gach éinne do féin anois, tá deireadh an lóin caithte: loirgeadh a chuid: an rud atá uaidh. "Agus adubhairt Dia ris, a amadáin, anocht féin iarrfaid siad th'anam ort; agus cia bhur leis na neithe so do sholáthair (soláthruigh) thu?" (Lúcás XII. 20): do bhailighis. Soláthruighimis an t-airgead eadrainn do, is mór an truagh go deó i mbroid é: déinimís bailiughadh dho.

soláthrughadh: *f.* (*-uighthe*) do bhailiughadh, -chuardach, d'fhagháil, -lorg. Cá dtabharfair t'aghaidh ag soláthrughadh anois?: ag lorg ruda atá ag teastáil uait. Ag soláthrughadh chapall chun an ghuail d'aistriughadh: ghá lorg ar an nduine seo is ar an nduine úd. "Cad dhéanfaidh an dúthaigh gan bhiadh anois?" – "bheith ag soláthrughadh": ag brath ar aon áit go bhfaghfaí é. Ná bac lá an tsoláthruighthe: cuir i dtaisce an méid a fhaightear leis an gcaoi.

sollamhain: *b.3.* féile, lúthgháir, ceileabhradh cáiréiseach. Sollamhain na Cásca: féile na Cásca. Lá sollamhna ar fuaid na hÉireann seadh lá fhéile Phádraig againn: lá a ceileabhartar eadrainn: bíonn sé ina shaoire againn, cuimhnighimíd ar an naomh agus déinimíd lúthghair ar a shon. "Mar an gcéadna, i ló bhur lúthgháire, agus ann bhur laethibh sollamhna agus as a dtosnuighibh bhur míos, buailfidhe bhur stuic os chionn bhur n-iodhbartha, etc." (Uimh. X. 10): féilidhe.

sollamhanta: *a. n-dh.* dréir nósa bunuighthe, mór-thábhachta. Seacht seachtmhaine sollamhanta ó Cháisc go Cingcidhis: a tugtar fé ndeara agus a ceileabhartar dréir ghnáis na hEaglaise. Árd-aifreann sollamhanta: go gceileabhartar gnása áirighthe atá bunuighthe lé fada. Mo mhóid shollamhanta dhuit go bhfeaca san lé solas mo shúl: mo bhriathar

chómh daingean agus dá mbeadh an leabhar orm. An fhírinne shollamhanta atá dhá innsint agam díbh: an fhírinne ghlan agus i ndáiríribh cheart.

sollamhantacht: *b.3.* gnás ceileabhartha. "Agus do aithin Maoise dhíobh, ghá rádh, i gcionn gacha seachtmhadh bliadhan, a sollamhantacht bliadhna an fhuascailte i gcoisreaca na bpailliún" (Deut. XXXI. 10): ag móradh.

somach: *f.1.* ógánach, buachaill bríoghmhar. Im somach scoile bhíos nuair cailleadh Peáirneil, is cuimhin liom go rabhas ábalta ar mhórán rud do dhéanamh: ógánach ag éirghe suas. Somach nár mhór an mhoill aige seal rothaidheachta do dhéanamh: buachaill fuinneamhail.

somachán: *f.1.* leanbh bog, saonta, buachaill talcanta, cíocrach. Aon fhocal ní bhíonn as, níor dhóigh leat gur leis an dtigh an somachán in ao'chor: leanbh bog, réidh, gan crostacht. D'íosfadh an somachán san a bhfaigheadh sé: buachaill cíocrach. Ní sháiseóchadh aon rud an somachán: cíocrach dúlmhar chun aonnidh a chidhfeadh a shúil.

somhaoin: *b.2.* tairbhe, sochar, toradh. Nár théighidh sé chun do shomhaoine maran ort atá an soc chuige: maitheas. Ní haon tsomhaoin dhom bheith im chómhnaidhe libh ar a gcaithim eadraibh: tairbhe. Táir ag díol na n-earraidhe ró-shaor, ní bheidh aon tsomhaoin agat asta: sochar. Somhaoin a bhfuil aige, tháinig sé air gan puinn dá dhuadh: rachmas a shroicheas duine gan saothar do dhéanamh ar a shon.

somhaoineach: *a.* tairbheach, socrach, torthamhail, luachmhar. Níl aon fhás is somhaoinighe in ár measc-ne ná prátaidhe: is torthamhla: is sia théigheann, is mó go mbaintear as. Is somhaoinighe go mór anois 'ná aon tráth dem shaoghal, ní raibh an oiread riamh agam: is saidhbhre. Níl aon rud i seilbh dhuine is somhaoinighe 'ná talamh, má bhíonn sé síos seal bíonn suas airís: is luachmhaire. Is neamh-shomhaoineach an ghairm bheatha atá agat, iascaireacht, agus is minic me ghá rádh leat: ná tugann toradh a leanas. Mairfir ar do thoil anois, tá obair shomhaoineach agat: obair go dtagann rud dá bharr go saoráideach.

son: *f. n-dh.* cunntas, tairbhe, bail, taobh. Cad ar a shon go ndéanfainn é?: cad mar gheall air. Déin ar mo shon-sa é: i dtaobh an mheasa atá agat orm: le báidh dom. Ar son Dé, tabhair rud le n-itheadh dhom: trí ghrádh dho: mar gheall ar Dhia: ar chunntas Dé. Labharfad an fhírinne choidhche ar son an chirt: toisc nách cuibhe don gceart a mhalairt. Cad tá ar a shon agam?: fachta as rud éigin (maith nó olc) atá déanta agam. Tá a fhios agam cad ar a shon gur labhrais: cad mar gheall air. Raghad ann ar a shon nách maith liom é in ao'chor: cé: gidh, bíodh. Ar shon m'anama atáim ghá thabhairt duit is ní ar do shon féin: ar mhaithe leis is ní le meas ort-sa féin. Ar shon gach peaca dá ndeárnais cúiteóchair fé leith as: in aghaidh. Níl aon rud ná go ndéanfainn ar do shon: lé báidh is meas ort. Ar shon Dé stad: ar ghrádh. Ar a shon nách é sin adubhart, cuireadh orm é: gidh nách é. Ar shon an lae a bhí ann (Domhnach, etc.) níor mhaith liom faic do dhéanamh: mar gheall air. "Agus adubhairt Ábraham, do chionn gur shaoil me, go deimhin, nách bhfuil eagla Dé san áit so, agus go muirfidhe mise ar son mo mhná" (Gen. XX. 11): ina taobh. "Agus má bhuaileann duine súil a sheirbhísigh, nó súil a chailín, lé a gcaillfidh í;

leigfidh dóibh imtheacht saor ar son a súl" (Ecs. XXI. 26): lé taise dhóibh. Maith ar son maithe: cúiteamh maitheasa.

sona: *a. n-dh.* ádhmhar, sásta, subháilceach. Is minic a bhí cú mhall sona: is minic do bhuail ailp mhaith lé duine ná cuireann mórán clódh gnótha air féin. Dar leis an té a bhíos bocht is sona an saoghal do bhíonn ag an nduine saidhbhir: sásta: ádhmharach: go mbíonn an uile rud ar a thoil aige. "Sona don anam cuirtear san bhfearthain": is ádhmharach: creidtear go dtéigheann ar neamh. Is fearr bheith sona 'ná saidhbhir: ádhmharach. Is sona bheinn im aigne gan aon bhaint bheith agam leat: budh shubháilcighe mo shaoghal. "Agus ag déanadh iongantais den óglach do bhí ina thocht, dá fhéachain a ndeárna an Tighearna a thurus sona nó nách ndeárna" (Gen. XXIV. 21): ádhmharach. Is sona dhíbh annsan, a chuideachta: is subháilceach, seascair. Bíonn na haistrighthe sona: bíonn an rath ag leanamhaint dul i malairt áite.

sonaidhe: *a.* ádhmharach, séanmhar. Ní bhíonn ó dhuine shonaidhe acht é bhreith: duine ádhmharach. Níl deallramh sonaidhe ná maith ar an gcuradóireacht tar éis an spalla tiormaigh sin: crot séanmhar. Is sonaidhe dá anam a dheagh-bhearta: is fearrde é iad.

sonaidheacht: *b.3.* ádh, séan, subháilceas. Cuireann sé sonaidheacht ar mo chroidhe, ar mh'anam, clann mo chómharsan bheith ag éirghe leó ar an saoghal: subháilceas. Guidhim sonaidheacht duit gach áit dá ngeobhair: ádh agus áthas croidhe.

sonaoid: *b.2.* rud a bhíos réidh, saoráideach lé déanamh, réadh-chúis. An rud budh dheacra do dhuine eile, sonaoid aige dob eadh é, ní chuireadh sé aon duadh air: furaisteacht. Sonaoid ar fad seadh é, níl cleas ná lúb ina bholg: réadhchúis. Sonaoid an fhir a thaithneóchadh leat: oscailteacht: an tslighe neamhchliste n-a labhrann is ina ngníonn.

sonaoideach: *a.* furaiste, gan duadh, réadh-chúis, saonta. Tagann gach nidh go sonaoideach air: go bog: tagann a dhóthain chuige gan puinn dá dhuadh d'fhagháil. Níl maireachtaint sa tsaoghal chruaidh, dheacair atá ann anois go sonaoideach ar an gcuid is fearr aca: bog, neamhdhuaibhseamhail. Nách sonaoideach a hoscladh an doras sa deireadh agus a dheacracht do bhí sé go raibh sé ag dul des na daoinibh: furaiste, réidh. Rugas greim ró-shonaoideach air agus d'imthigh sé uaim: neamh-aireach. Chaith sé uaidh an mheádhachtaint throm chómh sonaoideach lé haon rud riamh: gan aon nath: tháinig a caitheamh gan duadh air. Cuireann sé chuige go sonaoideach: gan aon chuma duaidh air. Snaidhm shonaoideach do scaoileadh í seo: níl aon deacracht ag baint léi: neamh-achrannach. Ins an deireadh nár imthigh sé go han-shonaoideach: gan aon choinne, gan aon duadh d'fhagháil ón mbás. Ní sonaoidighe agam-sa is agat-sa siubhal 'ná aca súd snámh: níos réidhe.

sonaoideacht: *b.3.* furaisteacht, neamh-dhuadh, neamh-achrann, saontacht. Sonaoideacht a thaithneóchadh leat, níl aon mhórdháil ná fastaoim ag baint leis: réadhchúis: oscailteacht aigne. Cuireann sé iongadh ar an saoghal mór a shonaoideacht a thagann cainnt air: a fhusa is féidir leis labhairt. Is breágh agus is aoibhinn dóibh sonaoideacht a mbeatha san áit iargcúlta so: beatha ná fuil puinn de phráidhinn an tsaoghail ag baint léi.

sonas: *f.1.* ádh, subháilceas, rath, séan. Nách é an sonas é, ár ndóthain do bheith lé n-itheadh againn tráth tá daoine bochta eile ar an gcaol-chuid: an t-ádh, an seans, an subháilceas cuirp agus aigne. Lá den sonas ná raibh ag an gcladhaire: lá den tséan. Bíonn an sonas i ndiaidh na straoille: leanann an rath an tslibireáil. Is minic a théigheann útamáil chun cinn chómh maith lé mór-fhuadar. Trí nidhthe a bhaineas lé sonas – fál, fascadh agus mochóirghe: an rath do bheith ar dhuine nuair dhéineann sé na rudaidhe sin. Pé rud a bheidh aca tá sonas saoghalta annso ag lucht an airgid: séan agus rath. Sonas ort!: go raibh an t-ádh ort. An sonas ar do chois an cheiridhe sin?: cúis faoisimh. Aon lá den tsonas ní raibh agam ó chuireas aithne air, tá mo chroidhe agus mo shláinte briste aige: den subháilceas saoghail.

sonasach: *a.* ádhmhar, séanmhar, rathmhar, subháilceach. Budh shonasaighe liom bheith ag baile ameasc mo dhaoine féin ar bheagán 'ná annso ameasc lucht iasachta ar mhórán: budh shásta aigne liom é. A bhuidhe lé Dia tá gach gnóth liom go sonasach: éirigheann gach rud liom. Pósadh sonasach: séanmhar.

sonasmhar: *a.* séanmhar, ádhmharach, subháilceach. Choidhche ní bheir níos sonasmhaire 'ná mar budh mhian liom, níor chás liom na leaga liatha do bheith agat: níos fearr as agus níos subháilcighe aigne. Bliadhain shonasmhar atá innte, tá toradh i ngach gort: rathmhar. Shuidh sé go sonasmhar sámh: gan bhrón gan díth.

sonnc: *f.3.* sáthadh, péacadh, teanntughadh, brughadh, dingeadh. Thug sé sonnc dá uillinn sa heasnadhachaibh dom: bhuail sé an uille ina gcoinnibh agus bhrúigh. Bíonn sé ag tabhairt sonnca ionam (fúm) lé n-a theangain. Dá dtabharfadh an ghaoth sonnc ó thuaidh b'fhéidir go mbreághthóchadh sí: dá n-aistrigheadh go hobann tapaidh. Thug an bád sonnc ar thaobh is thuiteas amach aiste: luigh sí go tapaidh, nó thug sí sáthadh obann. Má ghaibhir aon tsonnc anuas leat, táir ró-mhór ar bhruach: caitheamh: sáthadh. Thug an namhaid sonnc dúinn: sháthadar isteach in-ár dtreasaibh. Ná tabhair aon droch-shonnc duit féin: féach sara léimir. Ná léim chun ruda gan brath rómhat ar dtúis. Budh ghránda an sonnc a thug sé an uair úd a rugadh air ag sciobadh na feóla den gconntabhairt: sáthadh: iarracht shanntach ar í d'árdach leis.

sonncadh: *f.* (*-ctha*) sáthadh, luighe i gcoinnibh go cruaidh. Rud ná fuil ró-dhaingean ina sheasamh é sin, ná bí ghá shonncadh: d'iarraidh a chorruighe sall agus anall. D'aithnigheas ar an sonncadh a bhí aca ar a chéile go rabhadar ag sochaireacht bhruighne: an sáthadh i gcoinnibh a chéile. Leis an sonncadh thug sé dhom thuiteas: sáthadh: caitheamh uaidh. Deir na páipéir indiu go bhfuil an namhaid ag sonncadh soir: ag sáthadh, d'iarraidh a mbealaigh do bhrughadh rómpa lé neart.

sonncáil: *b.3.* do sháthadh, theanntughadh, do bhualadh nó thuiteam i gcoinnibh a chéile. Ná bí ghom shonncáil i gcoinnibh dhaoine eile: ghom bhrughadh go teann. Cad é an tsonncáil atá ort?: sáthadh is caitheamh i gcoinnibh dhuine.

sonncaim: *b.a.* sáthaim, brughaim nó caithim i gcoinnibh dhuine. Má shonncair airís me leagfair as mo sheasamh me, tá an iomad ualaigh orm: má bhuailir im choinnibh agus me do sháthadh. Shonnc sé uaidh lé n-a uillinn é: sháthaidh: chaith.

sonntaighe: *b.4.* líonrith, preabadh, suathadh. Nuair bhí sí ag amhrán os chomhair an chruinnighthe mhóir tháinig sonntaighe uirthi, gur chrith sí is gurbh éigean di stad: líonrigh. A luaithe agus chonnaic sé an t-ór buidhe go léir ina chruaich ar an mbórd gan coinne aige leis, tháinig sonntaighe air gur thuit a ghéaga siar síos leis: thug a chroidhe geit.

sonughadh: *f.* (*-uighthe*) rathughadh, ag éirghe lé, tairbhiughadh. Mo thuairm, acht níl agam ach mo thuairm, nách ag sonughadh atá sé san áit dhiamhair, iargcúlta úd: ná fuil ag tairbhiughadh dho ann. Aon deallramh níl ar an aimsir go bhfuil sí ag sonughadh: ag dul i bhfeabhas. Dia ghod shonughadh: go gcuiridh an rath ort. Is breágh dho é tá sonughadh an tsaoghail air: rath.

sonuighim: *b.a. 7 n-a.* rathuighim, tairbhighim do. Go sonuighidh Dia dhuit, mar is mór an t-iomard breóidhteachta atá ort: go bhfeabhasuighidh. Pé ball den ndomhan go ngaibhir nár shonuighidh dhuit: nár éirighidh leat. Do lonnuigheadar sa cheanntar, do shaothruigheadar ann agus do shonuigheadar: chuadar chun cinn.

sop: *f.1.* glac féir, tuighe, etc.; leapachas, díon tuighe. Caith sop go dtín mbuin: ádhbhar féir. Cuir sop tuighe fén gcapall: ádhbhar chun leapan do dhéanamh. Déin sop siúirdín is dearg do phíp leis: fígh léasacha tuighe ar a chéile ina stráiméad. Dá mbeadh séithleán fé bhun-tsop an tighe bheadh uisce nigheacháin againn: bundalach. B'fhearr liom síneadh ar shop cois teineadh im bhothán féin 'ná codailt ar an leabaidh is sóghaile i dtigh iasachta: adhbhar tuighe mar leabaidh. Níl sop sa gharrdha aige: arbhar ná féar: iothla dhealbh. An té ná bíonn cnuic aige bíonn suaimhneas chun suip aige: an té ná bíonn táinte ar chnoc aige codluigheann sé go sámh. Mo ghradhain do cheann is é an sop é: níl aon fhuaimeant ann. Na seacht suip ní shaorfadh anois é: aon rud in ao'chor. Fág fé siúd é chun a ghnótha do dhéanamh, ní haon tsop ar bóthar é: ní éadtromán é: tá sé fuaimeantamhail. Cailleamhaint na mbeart is bailiughadh na sop atá agat: ag friotháilt ar rudaidhibh suaracha is ag scaoileadh rudaidhe tábhachtacha thart. Níl aon tsuip ar silleadh leis: aon rud ag imtheacht ar bóiléagar uaidh: tá sé gasta, aireach. Is tú an sop in ionad na scuaibe: an rud gan puinn maitheasa in ionad an ruda chirt: droch-atharrach. Níor mheasa dhuit sop do lasadh ar a thóin 'ná an scéal céadna do tharrac chuige: teine do thabhairt do: aon rud in ao'chor do rádh ná do dhéanamh leis ach gan san do tharrac chuige. Tá a cheann san chómh héadtrom le sop: níl aon fhuaimeant ann. Brathaim mo chorp chómh héadtrom lé sop tar éis an chodlata: mear, éascaidh, seólta. Bhítheas ghom shniogadh i nganfhios dom gur cuimleadh sop is uisce dhíom: sin mar deintí lé háraistidhibh, sop craoibhe is uisce te, chun a nglanta: níor fágadh luid agam. "Is iomdha lá agus oidhche ó chuadhas chun suip lém fhear céile", ar sise: ó luigheas leis. Na feirmeóiridhe ar dalladh ag bailiughadh na sop isteach: ag cur an arbhair 'on iothlainn. Tá sé in am suip anois ag éinne go bhfuil fonn éirighthe moch air: i dtráth dulta a chodladh. Lasadh sop rabhcháin ar bharr na faille mar chómhartha bád do theacht ar an míntír ar an oileán: teine fhógartha. Is beag an mhaitheas bainne bó sopaidhe nuair dhoirteann sí airís é: dá mhéid a

bhíonn ag buin a gheibheas cineál cad é maith nuair speachann an t-árus crúidhte. Na héanlaith ag bailiughadh suip: na léasacha a néas an nead.

sopach: *a.* lán de shopaibh, go mbíonn suip ann. Nách olc do bhaileabhair an coirce, tá sé an-shopach in bhur ndiaidh: léasacha go flúirseach air.

sopachán: *f.1.* easair mhion, na léasacha a bhíos i nid: duine neamhghasta. Bhí sopachán nide ann ach ní raibh ubh ná gearrcach: caonach, léasacha. Dá mbeárrfadh an sopachán é féin b'fhearrde é: rud neamhghasta.

sopadh: *f.* (*-ptha*) ag cur sop nó scolb beag i dteine. Ar mo dhícheall táim ag sopadh 'sag séideadh na teine d'iarraidh a chnáduighthe: ag cur cipínidhe, sceacha dreóighte, mion-bhlúiridheacha ionlasta innte.

soparnach: *b.2.* easair, léasacha gan tairbhe. Cuarduigh tímcheall na stácaidhe, gheobhair soparnach ann lé cur fés na mucaibh: léasacha easrach.

sorachán: *f.1.* rud suarach, gan áird: duine nó ainmhidhe beag teann. Ní chuireann neach aon nath sa tsorachán san, níl ciall ná fuaimeant leis: duine gan áird. Ní fiú sorachán agam é, ná cuireadh sé aon mhairg ort: ní fiú an rud is suaraighe. Sorachán muice ná raghad aon fhás choidhche uirthi: cnapán beag beathuighthe.

sorn: *f.1.* teineadh mhór, fuairnéis , fearas téidhighte agus cócaireachta déanta d'iarann is ionad teineadh ann. Sin sorn anois leat a bhainfidh an fuacht amach as do chroidhe: reidhleán mór teineadh.

sornach: *a.* míchéadfadhach, gruamdha, goirgeach, mío-ghnaoidheach. An fhéachaint shornach atá aige budh dhóigh leat gur rud éigin as an slighe a bheadh déanta agat air: cuma mhío-ghnaoidheach. Is dóthanach duit me d'eiteach is gan bheith sornach ina thaobh: mí-chéadfadhach: grod.

sornaire: *f.4.* fear teineadh d'fhreastal. Sornaire traenach seadh me: teinteóir.

sornaireacht: *b.3.* teinteóireacht; aire teinteach. Ag sornaireacht ar an luing: ag cothughadh theinteacha le gual.

sos: *f.3.* sanas, stad sealadach, scur, faoiseamh, maolughadh tinnis, stad cómhraic trí aontadh an lucht achrainn. Tá sos cogaidh idir an bhFrainnc agus an Almáin. Nách iongadh ná fuil tuirse ar do theangain, ní dheaghaidh sos uirthe ó mhaidean: scur. Is geall le sos malairt oibre: tugann sé faoiseamh mór do dhuine iompódh ar rud atharrach. Táim chómh cortha san go bhfuilim ag tuiteam dem chodladh nách mór, déanfad sos: stad cun mo scíthe do leigeant. Thug sé an oidhche ag séideadh gan sos: gan scur: gan aon lagughadh. Tá an dá arm ag gabháil stealladh ar a chéile lé seachtmhain gan sos: gan stad. Níor shos dom go maidean gheal ag pian uathbhásach: ní bhfuaireas aon fhaoiseamh. Ní fuláir nó tá rud éigin ar an luing, tá sí ina sos annsan ó mhaidean: gan cor aiste. Tabhair sos seachtmhaine dhuit féin, táir ag obair ró-chruaidh ar fad: scíth. Ná tabhair aon tsos

anois do, ní fada ná go ngéillfidh sé: lean air chómh dian agus táir: ná maoluigh ar do bheart. Táim i mbun mo shuis annso: ar mo shuaimhneas: ag leigeant mo scíthe. Go gcuiridh Dia sos leis mar chogadh: deireadh. Cis do chois nó sos do láimh: is iad is fearr – luigh ar alt leónta agus tabhair scíth do láimh ghoirtighthe. Agus é ag cainnt tháinig sos ann nuair chonnaic sé duine nár thaithin leis ag teacht isteach: stad. Bíodh sos ar do láimh ná goirtigh éinne: cosc, maolughadh. Is iomdha san sos do dhein sé mar ná raibh an chainnt ag teacht leis: stad. Bí id shos: fan socair. I ndeireadh thiar thall tá sé ina shos: marbh. Dá bhfaighinn aon tsos ón obair thabharfainn turus ortha: faillighe: cao: eaga.

sosadh: *f.* (*-ta*) scíth do leigeant, do scur, do mhaolughadh; áit stadta, log, stad, campa. Táid ag sosadh anois tar éis oibre na bliadhna: ag déanamh scuir. Fógradh sosadh cogaidh idir an dá dhúthaigh: stad de chómhrac. Sin áit sosta a bhíodh againn ag teacht aníos i gcoinnibh an aoird fé n-ár n-ualaighibh: áit chun ar scíthe do leigeant ó strus an duaidh. An oidhche sin chuaidh an t-arm i sosadh i gcoill a bhí ann: chun a scíthe do leigeant: i gcampa. B'shid é an t-aon áit sosta sa cheanntar ag bacaigh na dúthaighe: an t-aon áit go gcuiridís fútha i rith na hoidhche.

sosaim: *b. n-a.* stadaim, scuirim, coiscim. Sos do lámh is ná buail éinne go mbeifeá ina aithreachas: staon í: coisc í. Do shos sé faid bhíodar ag bualadh bas do: do mhoilligh sé gan a thuilleadh do rádh. Tá dóthain aon bheirte déanta againn, sosaimís: caithimís uainn í mar obair. Cathain shosfaidh an scoil? nách mithid di anois?: scuirfidh sí: gheóbhaidh na scoláiridhe laetheanta saoire. Sosaim im bhealach ar amharc na spéirmhná: stadaim de shiubhal. Níor shos sé den stáir sin gur shroich sé a thriall: níor staon. Sos dem chrádh nó is me sagart udhachta a bheidh ort: scuir de nó marbhóchad thu cinnte, deimhnightheach.

sotal: *f.1.* meas, tóirtéis, lán, plámás, bréagadh. An sotal go léir atá ann ní fhéachfadh sé cam ort: budh dhóigh leat, ar an bhfuadar atá fé gur leis an saoghal mór: tóirtéis: lán. Níl ionat ach cléireach annso, cuir uait an sotal agus freastail ar na daoinibh: an mustar, is an dí-mheas ar chách. Ná tástáil do chuid sotail orm-sa, ní mheallfaidh san me ná teanga mhilis éinne: plámás.

sotlach: (**sotalach**) *a.* mustrach, tóirtéiseach, lánmhar, plámásach, lútálach. An fuadar sotlach atá ag siubhal fúithi, budh dhóigh léi gur cheart dos na daoinibh umhlughadh dhi: lánmhar, tóirtéiseach, meas nách cuibhe dhi aice uirthi féin. Imtheóchaidh an chainnt shotlach uait-se fós, bainfear det chleitidhibh: cuirfir uait cuid den lán is den éirghe anáirde. Nuair bhíonn aonnidh uaidh is é bhíonn go sotlach ar mhaithe leis féin: plámásach: leadhbfadh sé do lámha dhuit.

spad-: *i gcfbh.* trom, aindeis, dúr. Ní maith an spad-aimsir seo chun taistil, cá bhfuil an ghrian, agus an pluda atá ar na bóithribh: aimsir fhuar, béal-fhliuch. Tá tuirse orm ó bheith ag éisteacht léd chuid spad-aighnis ní fheadar leath mo shaoghail cad bhíonn ar siubhal agat: cainnt neamh-inspéise, leasc. Déin rud éigin is ná bí chómh spad-bhriathrach, tá tinneas im cheann ó bheith ag éisteacht leat: iomad cainnte ná fuil cruinn ná léir. Labhair ós árd leis nó ní chloisfidh sé thu, tá sé an-spad-chluasach: cluasa air ná fuil an clos go maith aca. Sin é an spad-bhiadh a fuaireas, droch-phrátaidhe is iasc fuar: aindeis: neamh-bhríoghmhar. Madra spad-chluasach seadh gadhar guna: bíonn na cluasa

ar silleadh leis. Sé an locht is mó a bhí aice air gan é do phósadh gur deacair do bróga oireamhnacha d'fhagháil, bhí sé chómh spad-chosach san: bhíodar chómh mór fada, aindeis sin. Ní mór duit béiceadh air, tá spad-chluasaighe air: an éisteacht an-dhúr aige. Dá mbeárrfadh sí na spad-dhlaoithe atá ar a ceann, thabharfadh sé breis chlóidh uirthi: táthanna fánacha ar silleadh léi. Ní bhfuair sé uatha ach spad-éisteacht, bhí a bhfurmhór ag cómhrádh is é ghá n-agallamh: breac-éisteacht: éisteacht gan suim. Ní mór a ceannuigheadh de mhucaibh indiu, ní raibh ortha ach spad-éileamh: beagán fonn chun a dtógála. Tá ádhbhar de chuid mhór rud aige, ach níl aige ach spad-eólas ortha: ná fuil beacht ná cruinn. Is tusa an fear spad-dhúthrachtach i mbun do chuid oibre, a fhágas gan slacht gan críochnughadh í: neamhshuimeach. An aimsir spad-fhliuch so goilleann sí go mór orm, an taisireacht agus an duibheacht atá innte: aimsir righin, cheathach gan gealas ná teas gréine. Tá spad-fhíon déanta dhe, an fhaid atá sé scaoilte amach gan ól: deoch leamh, neamblasta. Sin í féin an spad-fhaire a bhí agat ar an muir is ná feacaís ag teacht i gcorplár an lae ghléigil ghil é: faire neamh-chruinn. Siúd iad na fir go raibh neart agus fuinneamh ionta, is beag den spad-fhuil a bhíonn ionta ach an oiread: marbh, neamhbhríoghmhar. Spad-fheóil diabhail a bhí ar an easna aige ná cognóchadh muileann: righin, tearc, domblasta. Mara mbeadh gur spad-fhiadhach a dheineabhair ar an gcnoc bhuailfeadh seilg éigin libh: fiadhach neamh-dhian: cuardach ná raibh mion ná fairsing. Sibh na spad-fhir is bhur gcuid do leigeant uaibh gan cómhrac ar a son: fir gan anam, gan meisneach. Imtheóchaidh sé uait más spad-ghreim mar sin do choimeádair air: greim bog, neamhdhaingean, sonaoideach. Ní dhéanfaidh spad-ghuidheachtaint an gnóth, caithfir dul ar do ghlúinibh maidean is tráthnóna is bheith dúthrachtach: athchuinghe gan díoghrais: gan an croidhe is an t-anam do bheith léi. Déineann sé spad-ghreasa oibre, ach sin a bhfuil ann: sealanna fuara, fánacha. Geallaim duit gurb é seo an spad-ghnóth gur beag dá bharr aca: gnóth leamh, gan deallramh. Léan air, ná bí ag brath ar go gcuimhneóchaidh seisean ar aon rud, níl machtnamh ina spad-inchinn: inchinn mharbh, neamh-éascaidh, dúr. Go spad-inntineach d'ólas in ao'chor é: i gcoinnibh m'aigne. Seól gan déanamh gan mhaith, tá sé ró-spad-leathan: leathan gan bheith gearrtha ina cheart. Connus mhairfir ar an spad-lón san i gcóir an lae: lón ná fuil so ná súd ann. Níl san bhfeamnaigh ach spad-leasughadh ar ghualainn an tuair éan: gan fuinneamh fáis. Dá mbeadh malairt an spad-mhianaigh ionat ní fhoidhneófá tarcuisne ó éinne: mianach nó spirid gan phreab. Ní fhéadfadh a bheith aige ann ach spad-mhaireachtaint ar thalamh chómh bocht leis: maireachtaint bhocht, aindeis. Níor bh'aon spad-mhargadh a bhí ar mhucaibh indiu, bhí árd-luach ortha: margadh mall, righin, gan phreab. Mo thruagh do spad-mhéireannta, féach mar leigeann sé don ngloine tuiteam uaidh: neamh-anamamhla, neamhphrasa. Cad é an spad-mheirbhe atá ort indiu ná fuilir ábalta ar aon rud do ghabháil isteach id cheann: mairbheacht righin incheann. Tá sé ar spad-mheisce seachtmhaine anois: righin gan bheith tagtha chuige féin. Cad í an spad-mhoill a rug ort go raibh an oidhche thar druim sarar thriallais: moill righin, shiléigeach. Choidhche agus bheith ar do lán-dhícheall ní fhéadfá teine do dhéanamh den spad-mhóin seo: móin throm, fhliuch gan spriús innte. Mara bhfaighim uaidh ach spad-mholadh sosadh sé: moladh lag, stadadh sé. An ar an rud spad-mhuineálach san go dtabharfá fear breágh: lom: caol. Ní bhfaighfeá ar na páipéaraibh thuaithe sin ach spad-nuaidheacht: leamh, gan puinn spéise. Níl ann ach spad-neart, ní thabharfadh sé fulang mór uaidh: gan puinn brighe. Ní bhfuaireas ach spad-oideachas mar ná raibh na múinteóiridhe agam go raibh aon mhaith ionta: teagasc breallach, aindeis. An biadh atá aige níl ann ach spad-oileamhaint: cothughadh gan

suiméar. Maran me an spad-óinseach is géilleadh don lúbaire éithigh sin: óinseach gan aon deallramh liom. Ní maith agus ní cóir an spad-ólachán so, b'fhearr luathughadh chun an tighe: i bhfaid ag gabháil de: righin. Cuireann spad-óráididhe lucht poilitidheachta déistean orm: liosta, righin gan beachtacht, cruinneas ná dáiríre. Ó mhuise is é ná fuil deas ná gleóidhte, an rud spad-phlucach: pluic mhóra, throma, thútacha air. Ní bheadh aon iongadh orm dhá scaraidís lé n-a chéile sara fada, ní raibh eatartha ach spad-pháirtidheacht: cóimh-cheangal gan dúthracht. Tuilleann sé spad-phingnidhe, ach sin a bhfuil ann: airgead fuar, fanach. Éist, níl agat ach spad-phortaireacht: ná fuil ceólmhar ná beacht. Spad-raistidhe a lean ar feadh an lae: trom, minic. Ní mór an solas atá anocht ón spad-ré atá ann: gealach mharbh, smúiteamhail. Ní bhfaighinn aon tsásamh ina chómhrádh, tá sé ró-spad-ráidhteach: iomad cainnte gan iomad brighe. Lá spad-shalach: gránda, tais, pludach. Chaitheamair seal ag spad-sheanchas: ag cainnt 'sag cur tré chéile go neamhthuiseach. Cá bhfuil mo chuideachta, an siubhal daoine orm, ná aon rud eile go bhfaghainn sásamh ann, níl agam ach spad-shaoghal san áit iargcúlta san: marbh, gan greann, gan spionnadh. Ní fiú a chuid bídh é gan bac lé tuarastal as an spad-shaoirseacht: gan slacht: í déanta gan cóir ná aire. Cathain bheidh deireadh leis an spad-shaothar so?: obair mhall, righin, leasc. An bhfeacaís neach riamh is spad-shrónaighe ná é ó bheith ag gabháil air?: í liocuighthe aige. Spad-shíol dob eadh é, ní tháinig sé ach go fánach is theip sé ar fad in áiteannaibh: suarach: meathtach. Spad-thalamh diabhail do ceapadh duit, ní mhairfeadh an naoscach ann: righin, trom, fuar. Tagann spad-tinneas im ghéagaibh ná féadaim an leabaidh d'fhágaint aige: tinneas a chlaoidheas go righin do-scartha liom. Is cuma liom é do theacht linn nó gan a theacht, níl sé ach spad-thoilteanach: righin, mall, neamh-leagtha lé teacht. Ní cosamhail go bhfuil aon rith mór aice tá sí ró-spad-spágach: cosa ró-fhada, ró-liobarnach fúithi. Lé leath-bhliadhain anuas anois táim ag spad-thaisteal laisteas anoir d'Éirinn cois na mara: ag gluaiseacht go mall. Léan it tharrac, is é an spad-tharrac é ná corróchadh cuil: tarrac meathta. Is tú an fear spad-thréitheach, is fada go bhféadfair maoidheamh as aon ghníomh fóghanta: meath-thréitheach. Dá mbeadh an corcán ar an spad-theine sin go Lá an Luain ní chuirfeadh sí aníos pé rud atá ann: teine mhall, mhío-thapaidh. B'éigean é do thógaint den dteine, ní raibh ach spad-theasaidheacht ag teacht air: teas beag, mall, neamh-aibidh. Sin é an spad-theagasc atáir-se ábalta ar a thabhairt uait: gan chrích, gan anam. Bailigh anáirde i gceart chughat ar do dhruim é, ná bíodh sé ina spad-ualach ort: go liobarnach, stroilleach. Dá bhfeicfeá é ag spad-umhalaidheacht do, bhainfeadh sé gáire asat: go bréagach, leamh.

spadach: *a.* cnapánach, tais, silteach. Talamh trom spadach: trom ceangalthach ar nós mairtéil. Capall, cú, madra, etc. spadach: cluas-shilteach.

spadhail: *b.2.* buag, ploga, plocóid; dual adhmaid i gcóir puill le huisce do shosadh. Tairng an spadhail as an mbád go ndiúgaidh an t-uisce aiste: an pionna caol, cruinn a bhíos sáidhte i bpoll san gcile in aice a deiridh.

spadaire: *f.4.* daoi, daoiste, duine dúr, duine cluastsilteach. Faic ní fhéadfainn a chur i gceann an spadaire sin, tá sé chómh dúr san: duine ná bíonn féith na foghluma ann. Spadaire feirmeóra: ná bíonn aon chlódh gnótha air. An spadaire madra san ag teicheadh ó choileán: a chluasa ar silleadh leis lé scannradh.

spadalach: *f.1.* aon rud fada, liobarnach, neamh-anamamhail, aon rud leamh, neamh-bheirbhthe, righin, etc. Spadalach mhóna: móin bhog, throm, thais, fhad-fhódach. Spadalach feóla: feoil righin, gan suiméar. Spadalach dighe: deoch leamh gan scabhárd. Cé chorróchadh ag an spadalach aimsire seo: aimsir cheathach, throm, mharbh, chodlatach. Ní dhéineann an plúr do cheannuigheas ach spadalach aráin: arán trom, do-bhlasta. Níl neart ná tathnag sa spadalach, ní ins an bhfaid 'san gcaoile sin a bheadh sé: duine, árd, neamhchórach, neamhanamamhail.

spadalán: *f.1.* leadaidhe, liaghairne. Beireann solas an lae go maith ar an spadalán sara n-éirigheann sé: duine ró-leisceamhail. Ní mór go n-éireóchadh an spadalán chun friothálta ort: liaghairne díomhaoin.

spadamhail: *a.* leamh, domblasta, leisceamhail, díomhaoin, neamh-anamamhail. Deoch spadamhail seadh leann dubh nuair thugann sé ró-fhada ina sheasamh scaoilte amach: leamh, domblasta. Ní bheadh aonnidh déanta choidhche aige tá sé ró-spadamhail, níl aon phreab ann: neamh-anamamhail: leasc. Tá an inchinn an-spadamhail an aimsir seo agam, nílim i ndán puinn do cheapadh: mall: do-ghluaiste.

spadán: *f.1.* aon rud, trom, aindeis, neamh-éascaidh; duine dúr, righin. Lé geairrid tá spadán ar fad déanta dhíom, níl ionam aon rud cóir do dhéanamh: duine mall, mío-thapaidh, leasc. Spadán talmhan nár mhór do mór-chuid leasuighthe chun aon tortha do bhaint as: talamh trom, do-fháis. Níl agat ach glór spadáin, caithfir crot éigin cainnte is fearr 'ná san do chur ort: glóir meirbh.

spadánta: *a. n-dh.* mall, righin, neamh-éascaidh, scrutach, sprionnlaithe, teann, dána, stuacach, grainnceach. Táir ró-spadánta dhom i gcuideachtain, níor mhaith liom in ao'chor thu gan chainnt, gan gháire: neamhéascaidh, mall, righin. Briseadh é toisc bheith chómh spadánta leis an obair, ní bhfaighidís aon rud as a chrúcaidhibh in am: righin, mío-thapaidh. Bíonn sé ró-spadánta dhom fé n-a chuid airgid, ní bhfaighfeá faic go deó na ndeór as: cinnte, sprionnlaithe. Ná bí leamh ná spadánta: bíodh anam is anál ionat. Ní mór gur féidir focal den gcainnt d'fhagháil pé mío-ghnaoi atá air, tá sé chomh spadánta san: stuacach: tá sé ina dhúra dara, is deacra é do chlaoidheachtaint 'ná mar is dóigh leat, tá sé spadánta righin: ceanndáine, deacair, dúr.

spadántacht: *b.3.* righne, leisce, neamh-anamamhlacht, neamh-maitheas, dúire, ceanndáine, stuacacht. Ní oireann spadántacht sa tsiopa so, caithfir bheith síbhialta, cainnteach lé daoinibh: stuacaidheacht: coimhtheas. Nách mór mar tá an spadántacht ag gabháil lastuas de, ná géillfeadh sé don bhfírinne ghlan: ceanndáine. An aimsir mheirbh seo níl ionam corruighe le spadántacht: mairbheacht is leisce. Faic ní thabharfainn do lé n-a spadántacht: neamhmaitheas. Bheadh truagh agat ar scoil do lé n-a spadántacht: dúire, moille chun foghluma.

spadghail: *b.3.* mion-iarracht, leascacht, neamhfhonn, saothar (anála), séidfaghail. Caithfir an spadghail seo do chur uait agus malairt crota chun oibre do theacht ort: leascacht: neamhfhonn. Lean de go gcríochnuighir é, cuir uait an spadghail: speal anois

agus speal airís. Ar feadh na hoidhche bhí spadghail ghaoithe ar an mbúndalaigh, níor leig sí néall chodlata orm: séidfaghail: gaoth ina balcaibh.

spág: *b.2. 7 3.* cos fhada, caol, lapa, cos bhacach nó aindeis. Sín amach do spága leis an mbóthar!: bain as na loirgnibh fada san agat é. Seachain do spága orm: cosa fada atá sa tslighe. Naoscach na gcaol-spág: na gcos fada, caol. "Tá siubhal aice siúd" – "sin iad spága atá fúithi": cosa fada, laga.

spaga: *f.4.* sparán, mealbhóg. Ní hiongadh é bheith ábalta ar chaitheamh leis féin, tá an spaga aige: an sparán. Oiread is pinginn níl im spaga tar éis na seachtmhaine: im "cheirt": sparán folamh. Cuireann sé 'on spaga é: i dtaisce: i gcoimeád: tharais.

spágach: *a.* fad-, leathan-, slinn-chosach. Raghaimíd 'on Daingean ar an gcapaillín spágach: fad-chosach, leathan-chrúbach: módhmharach. Ní raghadh na bróga beaga san ar an nduine spágach so: fad-chosach.

spágachán: *f.1.* duine nó ainmhidhe fad-chosach. An é an spágachán san a iomcharóchad ualach trom? nár chás do: duine fad-chosach, caol-chosach.

spágáil: *b.3.* siubhal guagach, siubhal trí uisce. Tar éis éirighthe dho ón mbuille a leag é, dhéin sé spágáil fén ndoras: ag siubhal go haindeis. Bíonn na roileóga ag spágáil tríd an uisce ar lorg a gcuid bídh: ag tarrac a gcos tríd.

spágaire: (**spágálaidhe**) *f.4.* duine no ainmhidhe fad-chosach, nó a shiubhlas go haindeis. Ní éireóchaidh leis an spágaire siubhal tríd an gcasán tá sé ró-chumhang: duine go mbíonn cosa scagtha fé. Ní fhéadfainn coimeád suas leis an spágaire úd is mo dhícheall do dhéanamh: a thógas truslóga fada.

spaid: *b.2.* spairt, caob, spreallaire, duine coillte nó aimrid. An féar ina spaid tar éis na báistighe is na droichshíne, dath bán tagtha air is an íle imthighthe: rud gan aon tairbhe. Spaid mhóna ná déanfadh teine ná teas: móin gan aon mhaith in ao'chor: dríodar. Spaid fir seadh é nár thairng lé crústa air má thug sé tarcuisne dho: fear gan bhrigh. D'imthigh sí ina spaid gan fear gan páiste: fágadh ina haonar í gan caomhnadh fir. Sé an náire dhuit, fear breágh, cumasach mar thu d'imtheacht id spaid gan pósadh: gan bhrigh, gan mhaitheas. An spaid sin ná raibh de mheisneach aige focal do labhairt ar a shon féin: meathtach. Léan ar an spaid, ní fheaca riamh pingin dhá chaitheamh i gcuideachtain aige, ach ag tnúth leis an bhfear thall: suarachán gan galántacht. Oiread agus aon fhocal amháin níor labhradh linn rinneadar spaid bannraighe dhínn: an oiread measa díreach aca orainn agus beadh ar thrufais an bhuaile. Tá spaid ar fad déanta dhe lé déidheannaighe: níor fhan meisneach ann ná fearamhlacht. Tar éis na droichshíne seo ar fad tá spaid déanta den dtalamh: imthighthe gan aon bhrigh. Spaid a dhéanfadh a leithéid de bheart ghránda: duine gan puinn maitheasa. Leath tosaigh spaid mhairt nó leath deiridh spaid chaorach: an chuid is measa dhíobh. Sin an spaid i mbun tighe, gheóbhfá bás leis an ocras sara bhfiafróchadh sí dhíot an raibh pus ort: bean gan aon teacht aniar: dísc na mban.

spaideamhail: *a.* neamh-maitheach, neamh-mheisneamhail, neamh-speachamhail, mall, righin, dúr, fuar, tais. Níl aon fhás san aimsir spaideamhail seo againn: tais, gaothmhar, is ceal gréine. Talamh spaideamhail nár mhór do brat aoiligh chun í do thabhairt aonnidh: gan aon méineamhlacht. Go hoidhche ní bheadh sé déanta aca ar an gcuma spaideamail atáir ag cur chuige: gan phreab, gan anam. Is é is spaideamhla dá rabhas ina chuideachtain riamh, níor iarr sé ar éinne againn an raibh béal air, agus é ag ól is ag itheadh orainn ar feadh an lae: sprionnlaithe, neamhphreabamhail. Nuair ná bíd ag iascach caithid an aimsir go spaideamhail, a furmhór, a ndrom lé falla aca: scraisteamhail, díomhaoin, leisceamhail. Saighdiúiridhe spaideamhla seadh iad, mara mbíonn ag éirghe leó teichid: meathtamhail: gan choingheall ná fulang cruadhtain.

spaideamhlacht: *b.3.* leisceamhlacht, neamh-anamamhlacht, neamh-phreab, dúire. Lé bárr spaideamhlachta níor dhein sé oiread agus a lámh do thógaint chun a chosanta: meathtacht. Nách lé spaideamhlacht cheart ná cuireann sé clódh air féin chun ruda éigin do thuilleamh: díomhaointeas is leisce ceangailte isteach ina chnámhaibh. Spaideamhlacht t'incheann ná féadann tú an nidh sin do thuigsint is é chómh soiléir agam: dúire: neamh-éascaidheacht chun ruda do thógaint sa cheann.

spailp: *b.2.* póg, smeach, mionn mór, dearg-bhréag, lán, tóirtéis, blomas. Sara raibh a fhios faic aice thug sé spailp póige dhi agus do bhuail sise lé spailp dá bais é isteach sa leath-cheann i dtaobh bheith chómh dána: smeach, póg go gcloisfeá í: buille go raibh fuaim aige. "Dubhairt sé ná feacaidh sé dubh ná bán thu" – "a leithéid de spailp agus é ag cainnt liom": éitheach dearg. Bíonn gach aon spailp aige ghá rádh ná raibh aon bhaint ar an dtalamh so aige leis: bíonn sé ghá shuidheamh go daingean. Is mór an spailp í, budh dhóigh leat uirthi, ná raibh hata nuadh ar aon mhnaoi eile ar an sráid ach uirthi: taidhbhse.

spailpín: *f.4.* sclábhaidhe fáin, oibridhe coitcheann, táir-ainm ar dhuine. Im spailpín fánach do fágadh mise ag seasamh ar mo shláinte: im oibridhe seal annso is seal annsúd. Thógas beirt spailpínidhe chun prátaidhe do bhaint: ar thuarastal seachtmhaine: faid agus sheasóchadh na prátaidhe lé baint. Níor labhras focal leis an spailpín sin lé fios cathain, ní mór lé rádh é: duine suarach: duine ná meádhann puinn. Glanadh mo shean-bhróg ní thabharfainn d'aon spailpín agaibh: scraiste. Spailpínidhe an fhóghmhair: sclábhaidhthe a fostuightear ina chóir amháin. An amhlaidh a mheasair me do bheith im spailpín ar fad agat: fear oibre ar do chor ar gach slighe.

spailpínteacht: *b.3.* do dhéanamh oibre sealadaighe annso agus annsúd. Níl agam anois ó chailleas mo bheart ach dul lé spailpínteacht: ag obair don nduine seo is don nduine úd is ag aistriughadh ó áit go háit. Théighidís chómh fada lé Cluain Meala ag spailpínteacht san tsean-shaoghal: obair shealadach d'fheirmeóiridhibh.

spailteóireacht: *b.3.* do dhéanamh grinn is meidhréise. Ag ól 'sag itheadh is ag spailteóireacht dhóibh féin: ag déanamh aitis is meidhre.

Spáinn: *b.2.* an tír sin. Táid chómh fada ó n-a chéile is tá an réiltean ón Spáinn: ní fhéadfaidís bheith níos sia. "Teasbáin dom an rud san" – "ní hón Spáinn é ach ón bhFrainnc!" (deismireacht).

Spáinneach: *a.* ag baint leis an Spáinn. Asal Spáinneach: asal mór, groidhe. Fíon Spáinneach, airgead Spáinneach. Liaigh Spáinneach, ní leighisfeadh é: liaigh iongtach ar fad. Féach an toirt atá ann tá mianach Spáinneach ann: iongtach.

spainnéar: *f.1.* cineál madra mothalach, spad-chluasach. Bíonn sé ar nós an spainnéir ina dhiaidh: go humhal do: ag lútáil air.

spairn: *b.2.* *7* *3.* coimheascar, gleódh, achrann, cointinn, iomaidheacht, cruadhtan, freangaidhe; raiste. Táim as an silleadh mhaol, báidhte gen spairn cheatha san: raiste trom. Ar a mí-líthighe atá sé agus an chneadach atá air, tá spairn an bháis air: duadh is freangaidhe. Ón lá ar rugadh mé is beag é mo shubháilceas ann ach me ag spairn leis an saoghal: ag coimheascar. An stráice beag deagh-thalmhan úd tá sé ina chnámh spairne eatartha féach céaca a shroichfeadh é: cúis achrainn. Riamh im bheatha ní raibh spairn agam lé héinne, chaitheas mo bheatha go macánta: achrann nó easaontas. Nár bheiridh aon spairn choidhche ort ná go bhfuasclóchaidh Dia ort: amhgar nó greim cruaidh. I spairn chruaidh na bpiléar tá na sluaighte dhá threascairt go neamhthrócaireach: troid: coimheascar.

spáirneach: *a.* coimheascarach, duaibhseamhail, trodach, amhgarach, ainriochtach, spadamhail. Nách í an aimsir spáirneach don mbealtaine í, gaothmhar, tais, fuar: spaideamhail, trom, neamhshaosúrdha. Cúrsa ró-spáirneach seadh an cogadh so chun dul chun argóna lé héinne: leanann an iomad áitimh is achrainn é. Mara mbeadh rud éigin spáirneach do bheith eatartha ní bheidís chómh dian san ag áiteamh: imreasach. An bhfuil aon rud spáirneach ag déanamh mearbhaill duit go bhfuilir chómh suaidhte agus tá cuma ort?: ainriochtach.

spairt: *b.2.* móin throm, fhliuch. Beidh sí ina spairt tar éis na báistighe, deirtear nuair thagann crothadh ar dhroch-aimsir. "Tiormóchaidh spairt": raghaidh scartadh ar gach aonnidh atá fliuch, tais.

spalla: *f.4.* blodh, smut do brisfidhe de chloich, scolb, leac bheag éadtrom, dínc chloiche i saoirseacht; carbhall. Cuir spalla fén gcloich sin, tá sí ag corruighe: cloichín a dhéanfaidh leabaidh réidh di. Connus tá gach aon spalla dhíot?: gach aon phioc: máille: blúire. Chaith sé spalla cloiche liom: cloichín gur mó ar a slinne 'ná ar a reimheadas. Ag cur spallaidhe ag léimrigh ar bharr an uisce: cloichínidhe tanaidhe a sciorrfadh leó air. Is iongadh liom fear mór cainnte mar é nár chuir sé a spalla isteach: nár chuir sé focal éigin isteach: carbhall éigin d'iarraidh a chuid den gcainnt do bheith aige. Caith do chuid spallaidhe lé duine éigin eile: tabhair do chuid teallaireachta do dhuine éigin seachas mise.

spalladh: *f.* (*-lta*) tiormughadh, babhta trom tiormaigh, íota, speal theasa. Is mór go léir an spalladh atá san aimsir seo, níl sruthán ná tobar ná go bhfuil i ndísc: scalla tiormuigh: spóladh. Faigh deoch dhom, tá spalladh orm: tart trom. Déarfainn gurb é spalladh an bháis atá air: an t-íota is gnáthach lé n-a linn. Duine go mbíonn tart air is ná taithneóchadh leat deirtear, "spalladh an bháis air": go bhfaghaidh bás gan an tart do

bhaint de. “Tá spalladh ins an aimsir” deirtear nuair bhíonn teas is tiormach mór ann is é ag luighe ar fhás. Nách mór an obair ná tagann spalladh air ó bheith ag síor-chainnt: tart i slighe agus go gcaithfeadh sé stad. Chuireadh sé spalladh ort bheith ag tabhairt cómhairle dho. Aon spalladh amháin gréine is thiormóchadh go haonnidh airís: babhta te. Táim ghá spalladh agat: ag déanamh an oiread san buadhartha dhom go mbeinn ag síor-ól: dhá ghreadadh: scóladh. Na hainmhidhthe dhá spalladh cheal uisce: íota ortha is iad ghá bhrath. Is iomdha duine gur bhain sí an spalladh dhe: gur thug sí deoch dho chun a tharta do mhúchadh. Cad tá ag déanamh spallta dhuit anois?: ag déanamh buadhartha.

spallaidheacht: *b.3.* súgradh (lé), eólas beag, bannóg. Ag spallaidheacht lé hobair a bhíonn sé: ag súgradh. Bíonn sé ag spallaidheacht léi: ag imirt uirthi. Bhailigh sé spallaidheacht bheag léighinn ar chuma éigin: ádhbhairín. Bíonn spallaidheacht amhráin ar siubhal aige is é ag obair: a bhannóg anáirde aige. Ní fhéadfainn a bheith deimhnightheach de, níl agam air ach spallaidheacht: aithne lag.

spallaim: *b.a. 7 n-a.* seargaim, tiormuighim, greadaim, seólaim, feóghaim. Spallfaidh an t-iasc guirt thu má théighir ró-dhian air: cuirfidh sé tart trom ort. Spallfaidh an aimsir an churadóireacht: feóghfaidh. Spall an teas me: chuir sé tart uathbhásach orm. Do spall an droichscéal iad, bhain sé an-phreab asta: ghread: ghoill go trom iad. Go spallaidh sé thu maran ort atá an dúil chúiche mar fheóil: go gcuiridh sé tart uathbhásach ort: íota go gcaithfir bheith ag síor-ól. Do spall an talamh leis an dteas: shearg is d’fheóghaidh a raibh ag fás air. Spallfaidh an saoghal má leanann an teas so air: déanfaidh balc de agus feóghfaidh fás.

spallta: *a.r.* dóighte, feóighte, seirgthe ag an dteas, greadta, balc déanta dhe. Is mór an truagh bheith spallta leis an dtart is gan dul ar dhigh: bheith chómh tiormuighthe sin laistigh go mbíonn an goile ag éigheamh ar fhaoiseamh trí dhigh. Is spallta an saoghal é, braon báistighe ná drúchta ní dheárna sé lé mí: gach aon fhás seirgthe, feóighte. Tá na ba spallta, ní bhfuaireadar aon deoch lé dhá lá: tá ag dul go dian ortha cheal uisce. Préachta leis an bhfuacht, stiocuighthe leis an ocras is spallta leis an dtart: tugtha lé fuacht: ag siollagar leis an ocras is an carbhad chómh tirim is gur ar éigean is féidir labhairt. Is spallta an bheatha atá agam ar an oileán so gan braon de bhainne bó lé dul im bhéal ó cheann ceann na bliadhna: tirim, tur. Lá spallta atá ann: a chuirfeadh tart ar dhuine lé n-a theas. Is spallta an saoghal agat é: dian, dochrach.

spalluighim: *b.a.* cuirim dínc chloch i saoirseacht. Spalluigh an chloch san, níl sí ina luighe i gceart: cuir teannta mion-chloch fúithi.

spalpadh: *f.* (*-ptha*) bualadh, smiotadh, pléascadh, raideadh, do thabhairt mhionn, smeachadh, dearbhughadh. Bhíodar ag spalpadh a chéile gur chosain na gárdaidhe iad: ag smísteáil a chéile. Lé spalpadh na gréine thiormuigh an talamh gan ró-mhoill: taithneamh láidir: éirghe go glan mar dhéanfadh ó scamallaibh. Bhíos dhá dhóghadh is dhá loscadh ag an ngréin ag spalpadh anuas orm i mullach an chinn: ag bualadh go te. “Ó tháinighis os mo chómhair”, ars an breitheamh, “nílir ach ag spalpadh éithigh, ní chreidim focal fiadhnaise uait”: ag dearbhadh gach aon rud is mian leat gan aird ar an bhfírinne. Ní raibh ach spalpadh leabhar ar an dá thaobh: dearbhadh go fiadhain. Chómh luath agus fuair sé

an ghairm d'imthigh sé de spalpadh reatha: in aon sciúir amháin. Bheadh sé ghá spalpadh indiu agus an lá san ná raibh aon bhaint aige leo: ghá dhearbhadh go teann, láidir. An t-uisce ag spalpadh annsúd ar chroidhe na carraige: ag pléascadh: ag teacht ina sconna láidir: ag scartadh. Thug sé spalpadh póige: póg dlúth, láidir. Pléascáin dhá spalpadh de ló is d'oidhche ar oileán Mhálta lé cian fada: dhá rúideadh.

spalpaim: *b.a. 7 n-a.* buailim, tuargaim; pléascaim, scartaim, dearbhaim go teann, deirim go láidir. Do spalpadar a chéile lé pléascánaibh: d'ionsaigheadar is phléascadar. Tar éis an cheatha do spalp an ghrian i slighe is gur dhóigh leat ná raibh aon bhraon báistighe riamh ann: scairt sé: thaithneamhuigh sí go láidir, te. Do spalpfadh sé a bhfuil de leabhartha ann: bheadh sé ag dearbhadh gan aon nath do chur ann. Nuair bhíonn sí ag cainnt spalpann sé mionna mar is maith léi: bíonn Dia, a hanam is an diabhal féin dhá spreagadh aice do neartughadh a cainnte. Níl aon tSatharn sa mbliadhain ná spalpann an ghrian: ná go bhfoillsigheann sí í féin. Nuair chualaidh sé cad a bhí déanta as an slighe agat do spalp sé áidhbhéirseóiridhe: bhí an diabhal go mion agus go minic ina bhéal aige ag mallachtughadh ort. An bhfuil sé de chuma ar an lá go spalpfadh an aimsir: go scartfaidh is go raghaidh i bhfeabhas. Gan aon chúis sa tsaoghal do spalp sé chugham, gur dhóigh leat air go n-íosfadh me: phléasc: tháinig fearg is cuthach air. Spalpfaidh sé go leór éitheach duit pé in Éirinn é: scaoilfidh chughat ina shruth.

spalpaire: *f.4.* duine gur gnáth leis bheith ag caitheamh mionn; duine teann, láidir, faraire, aon rud mór. Éist leis sin mar spalpaire: mar mhóid láidir. Thug sé spalpaire leabhair ná raibh sé in ao'chor ann tar éis triúir a rádh go raibh: dhearbhuigh sé go teann, láidir. Ná creid oiread agus focal ón spalpaire éithigh: duine gur beag aige éitheach do scaoileadh uaidh. Ní chuireann an obair aon duadh ar an spalpaire seo, féach an déanamh atá air: é scaoilte, córach, fuinneamhail. Dhein spalpaire fir de nuair fuair sé breis shuaimhnis is cothughadh maith: fear cumasach, lúthmhar.

spaltha: *a.r.* i ndísc, spallta, seargtha, feóighte. Táim spaltha ag an lá is ag an mbóthar beidh deoch agam: lán de thart: mo theanga is mo charbad tirim. Lá spaltha é seo, ní maith é ar bhóthar fhada: lá an-thirim, an-the. An talamh spaltha ón ngréin: ina bhalc.

spannla: *b.4.* cos fhada, chaol, lorga, spág, fearsad (choise), annla. Sín do spannlaidhe leis an mbóthar: tabhair na buinn do: tá ort é do shiubhal. Rugas ar spannla air agus thairngeas chugham amach as an bpruais é (ainmhidhe): ar chois. Taithnigheann spannla caorach liom: cos tosaigh. Féach na spannlaidhe cos atá fé: cosa an-fhada. Spannla i ngach gleann díot ag fiolair an áir: cnámh annso is annsúd dhá phriocadh go raibh aca. Ní fhéadfadh neart a bheith ann is na spannlaidhe atá fé: cosa laga, caola.

spannlóir: *f.3.* duine nó ainmhidhe fad-, caol-chosach. Ní mór ar an gcnámh ag an spannlóir: duine lom-chosach, caol-chosach. Spannlóir capaill ná féadfadh puinn iomchair ualaigh do bheith ann: capall spágach.

spáráil: *b.3.* coigilt, cnuaisciún, coimeád, taisce. Duine dob eadh é nár dhein aon spáráil riamh air féin: nár choisc é féin ar a neart d'imirt. Tá braon ar thóin an bhuidéil fós agat, mhuis, is mór an spáráil é ag duine go bhfuil an oiread dúlach aige ann: an coimeád gan

caitheamh: srian curtha leat féin agat gan é d'ól. Dubhart leis fiche uair é do spáráil is gan bheith ghá ídeach chómh rabairneach: coigilt do dhéanamh air. Ná déin aon spáráil ar mo sparán: caith é gan aon truagh do bheith agat do. Ní bheadh an oiread plúir istigh aca, líon tighe mór mar iad, gan spáráil mhór: cosc do dhéanamh ar an gcaitheamh. An bhféadfá an scilling seo do spáráil is do thabhairt dom?: déanamh gan í: an mbeadh ar do chumas a tabhairt dom? D'iarras air a n-anam do spáráil: gan iad do chur chun báis. Bímís ag spáráil, tá lá fliuch rómhainn: ag sábháil: gan bheith ag caitheamh an oiread agus déanfaí. Níor dhein sé aon spáráil teangain orm: thug sé an oiread íde orm agus d'fhéadfadh sé. Ní raibh aon rud ach a rádh gur bhuaidh sé ort, ní raibh puinn lé maoidheamh aige. Ní haon am spárála dhúinn anois é nuair tá deireadh ídighthe againn: cosc ar an gcaitheamh. Táim chun cuid den mbiadh so do spáráil duit: do choimeád id chóir rud a caithfí ar ócáid eile, Sé spáráil na craoibhe ag an gcirc fraoigh é: ag déanamh taisce de rud nách féidir do chaitheamh: aiteas taisce.

spárálaim: *b.a.* sábhálaim, coiglim, taiscim, déinim cnuaisciún ar. "Agus ní spárálfar fíon Spáinneach ar mo Róisín Dubh": gheóbhaidh sí go leór de. Ná spáráil an t-arán ort féin: ith an méid is mian leat. Ná spáráil do bhean ná do chapall: bain asta a bhfaghair ionta, ní fheadraís cad é an cor a thiocfadh go scarfaí thu leó. Níor spáráil sé a ghéaga ar a bhfuil déanta aige: ní raibh aon truagh aige dhóibh: bhain sé ar fhéad sé asta. Caithfead cuid de ach spárálfad cuid i gcóir trátha eile: taiscfead. Níor spáráil sé a leadhb orm: thug sí an béal dom chómh dian agus b'fhéidir léi. Spáráil an turus so me, ní chuirfead mairg airís ort: ná mairbh me, ná cuir duaidhnéis orm. Spárálfá airgead mara mbeadh thu bheith ró-chaithteach: chuirfeá chun coimeádta. Spáráil do neart go mbéarfaidh cruaidh ort: coimeád i dtaisce é. Ní spárálfadh sé a mháthar: ní bheadh aon truagh d'éinne aige. Ní fada bhíodar ag teacht deirim-se leat nár spáráladar iad féin: nár thaisceadar aon ruaine dá mbrigh.

spárálach: *a.* taisceach, cnuaiscniúnach, sábhálach. Bean spárálach uirthi féin seadh í, ní bhrisfidh sí a croidhe lé haonnidh: bean ná cuirfidh í féin tar n-a riocht lé hobair. Ná bí spárálach air, scaoil amach chughat féin do dhóthain de: coimeádach: taisceach: claon lé lón do dhéanamh de rud. Leigheann gach nidh idir lámhaibh aige, fear ró-neamh-spárálach seadh é: ní fhéachann sé chuige aire do thabhairt d'aon rud: gan baint siar as. Bí spárálach ar an mbainne, níl puinn ann de: bíodh cuimse leis an gcuma chaithir é.

spárálaidhe: *f.4.* taisceóir, sábhálaidhe, cnuaisciúnaidhe. Ná bítear ag cainnt ach is tú an spárálaidhe agus an méid té a bheith istigh agat d'aindeóin an ídigh atá agaibh uirthe agus a ghainne atá sí: cnuaisciúnaidhe: duine a bhíos aireach, gasta tímcheall caithte agus taisce. Ní haon spárálaidhe é: ní bhíonn aon lúib istigh aige in aon nidh.

spáráltacht: *b.3.* sábháltacht; cnuaisciún; caitheamh lé cuimse. Ní raibh a fhios aca cad budh spáráltacht ann, ach scaoileadh leis: seachnacht ar chaitheamh nó ídeach. Ar a raibh ag déanamh ar an gcúil deineadh spáráltacht uirthi is an méid mhór san bheith fós ann: cnuaisciún: sábháltacht.

sparán: *f.1.* mála beag nó mealbhóigín de ghnáth déanta de leathar ina n-iomcharthar airgead; spaga; airgead, maoin, iogán, úth, mangarla. Dá mbeadh sé ar thóin mo sparáin

agam, ní fhágfainn dealbh thu: aon rud in ao'chor agam. Cad is fiú é ag an té go mbíonn a sparán teann: a dhóthain airgid aige. Sparán sreang-bhéil: go mbíonn sreanng fé a chruinnigheas ar a chéile é ina dhúnadh. An té is mó a osclas a bhéal is é is lugha a osclas a sparán: is é an té is lugha maoidheamh as a charthannacht an té is mó a bhronnas. Ceannóchaidh súd é, tá an sparán aige chuige: an mhaoin. "Sparán Buidhe": ainm amhráin. "Ná hiomchruigh sparán na tiach lóin ná bróga agus ná beannaighidh do neach ar bith san tslighe" (Lúcás X. 4): mála i gcóir airgid. Ghní sparán trom croidhe éadtrom: is fusaide dho dhuine airgead do bheith aige: is mór go léir an suaimhneas is an subháilceas ar dhuine rud do bheith aige lé caitheamh air féin. Ailp mhór ina sparán fé n-a ghiall: mar bheadh máilín teann. Caith dréir do sparáin: dréir do chumais. Sparán toirteamhail ag an dtarbh: mangarla: coigleach: clúdach cloch. Caithfidh sé an tsreanng do bhaint den sparán anois: scaramhaint lé cuid den airgead. Ní bheadh an oiread scléipe fé, mara mbeadh an sparán do bheith fé dho: cumas ar airgead do chaitheamh.

sparánaidhe: *f.4.* fear feighil airgid, cisdeóir, duine a choimeádas cunntaisidhe ar chaitheamh airgid. Sparánaidhe luinge: a choimeádas cunntaisidhe na luinge agus a chuireas i dtaisce seóda is rudaidhe cuirtear fé n-a chúram. Sparánaidhe an chumainn: an té go mbíonn cúram an airgid air.

sparnaidhe: *f.4.* iomrascálaidhe, iomaidhtheóir, lúithchleasaidhe, dóirneálaidhe. Sid iad cómh-sparnaidhthe craoibhe na dórnála: an dís (dream) atá ghá fhéachaint lé chéile céaca bhuaidhfidh. Cómh-sparnaidhthe Chuirn an Aire as Gaedhealaing: an lucht iomaidheachta ina cóir.

sparnghail: *b.3.* iomrascáil, achrann, coimheascar. An dá arm ag dian-sparnghail lé seachtmhain ag baint na cathrach dá chéile: ag coimheascar go cuthaigh. An babhta sparnghala is éachtaighe dár cuireadh i gcródh riamh, a leithéid de thuargaint, de shuathadh is de gheitiminigh: iomrascála: treascairt treasaidhe lé greamannaibh is a chur go lár.

sparra: (**spara**) *f.4.* giota fada, éadtrom d'aonnidh, raidhlse, stráice, cleith, tairnge fada, spíce, spiara. Budh dheacair do siubhal ar an gcarraig agus í lán de sparraidhibh: spiaraidhe: géar-fhiaclach. D'iarraidh sparra (adhmaid) mar cleith crainn a bhí ar snámh do shaoradh do bhí sé: stráice adhmaid go mbíonn seól sínte dhe. Deirtear gur lé sparra iarainn do mhairbh sé í: stráice caol iarainn gur móide ar a fhaid ná ar a reimheadas. Beir ag smiotadh do chos ar na sparraidhibh cloch atá aníos as an mbóthar: stacáin: clocha go mbíonn gob fada, géar ortha. Sparra galbhúnaighe, tobac: blúire fada. Last óir ina sparraidhibh a bhí innte: stráicidhe fada. Is fearr an fhuaim do bheadh ag do chraolachán dá mbeadh sparra copair ag dul 'on talamh as: smut fada ná beadh reamhar. Cuir sparraidhe id bhrógaibh chun greama d'fhaghail ag rith: tairngidhe fada: spicidhe. Dá gcuirtí mo cheann ar sparra ní dhéanfainn é: me do dí-cheannadh is é do chur ar spíce árd. Cuir sparra ón dtaobh istigh leis an ndoras nó cuirfidh an ghaoth isteach é: samh: blúire fada láidir adhmaid lé cur mar theannta. Chuir sé sparra cloiche ceangailte síos i gcródh an chinn ionam: cloch fhada go raibh barra caol uirthi. An sparra fir sin! ní mór ná go bhfeicfeá an solas tríd: duine caol, leice.

sparraidheacht: *b.3.* spochaireacht, sonncadh, péacadh. Táid ag sparraidheacht ar a chéile chun troda: spochaireacht: seópáil: geámaidhe fútha a fhoillsigheas go bhfuil fonn achrainn ortha. Ná bíodh aon sparraidheacht agat orm-sa, mar ná tógfainn uait í: giobadh: griogadh: gríosadh.

spártha: *a.r.* breise, saortha, sábhálta. Níor fhan aon rud spártha tar éis an lae agam: gan ídeach. Ní bheidh aon ocras oraibh, tá biadh spártha sa tigh seo: go flúirseach. Tá a dhóthain cúraim ar é do dhéanamh, ní bheidh aonnidh spártha aige: ní bheidh faic tar éis a dhíchill. "An bhfliuchfaidh sé?" – "ní bheidh aonnidh spártha aige": is an-chosamhail go ndéanfaidh. Fuair an scraiste an méid a bhí spártha tar éis an dinnéir: fuighleach: gan ídeach. Tá triúr sa tigh agus rud spártha: duine isteach sa bliadhantaibh ná bíonn pósta. "Rinneas go hiongtach fén scrúdughadh" – "ní raibh faic spártha agam, mhuise": ní mór eile d'fhéadfainn a dhéanamh. Ná bíodh aon truagh agat dom ag caitheamh ort, tá airgead spártha agam-sa: airgead lé lascáil: tarrac ar airgead.

spárthach: *a.* saorthach, bailightheach, tairceach. B'é budh spárthaighe air féin den bhfuirinn: is lugha a luigh air féin: a bhain as a ghéagaibh é. Bheadh sé níos spárthaighe ortha mara mbeadh a dhóthain díobh do bheith: níos neamh-chaithtighe.

spás: *f.1.* eaga aimsire, nó achair, pas, seal; faoiseamh, cur leis, tamall. Bítear ag gearán orm toisc gan breis spáis d'fhágaint idir na foclaibh, go mbíd ró-dhlúth ar a chéile: a thuilleadh slighe. Tógann sé spás maith ar gach truslóig: slighe: faid. Pé spás (faid spáis) a bheidh agam ar an saoghal so ní bhfaighead amharc ar a leithéid de radharc airís: eaga beatha: faid. D'iarras spás mí air chun an chíosa do sholáthar, ach ní bhfaghainn é: eaga: cáirde: seal. D'árduigh an bás leis é gan spás amén do rádh lé n-a anam: eaga: uain. Tabhair spás m'anáile dhom: oiread eaga agus go bhféadaim í do tharrac. Fuair an cáirdeas spás a dhóthain: eaga: tá an aimsir caithte aige. Tháinig an bás air gan aon ré spáis do thabhairt do: aon eaga chun a anama do dhéanamh: rugadh go grod air. Thug capall aca barr beag spáis ar an gceann eile: bhuaidh sé go cumhang air. Druid siar spás ón bpeictiúir, seadh is fearr thabharfair fé ndeara é: tamall slighe.

speach: *b.2.* buille leis an gcois siar; preab, fearamhlacht. Tabharfaidh sé sin speach fós dá luighead deallramh corruighthe atá air: preab: tiocfaidh anamamhlacht de phreib ann. Lá meirbh ní bhíonn aon speach ionam, ní mór ná go mbím ag tuiteam dom chodladh: aon anam, éascaidheacht. Níor mheasa dhuit speach ó mhiúil ná buille dhorn uaidh: buille uaithi siar lé n-a crúib. Dá mbeadh speach fir ionat ní fhoidhneófá tarcuisne uaidh: fearamhlacht: preab: sponc. Cad n-a thaobh ná fuilir ag cainnt? níl aon speach ionat?: aon anam: praitineamhlacht. Tá an-speach ann i gcómhluadar, bíonn sé chómh maith lé fear ag glaodhach: preab: fearamhlacht. Fear go raibh speach ann a dhein é, taobhughadh lé duine iasachta go raibh an éagcóir air: fearamhlacht, spirid. Ól an braon maith beathuisce sin cuirfidh sé speach ionat: músclóchaidh sé do spiriddihe. Bhuail an capall lé speach san éadan é: raid sé is bhuail. Bíodh speach ionat i ngach áit dá ngeóbhair: bí it fhear. Thug an bhó speach don gcalán is dhoirt sí an bainne: bhuail dá crúib. Bhain sé speach ghearráin as a mhéir orm: shnap sé iad. Thug sé an-speach don bpeil, chuir sé i bhfad ó bhaile í: lasca.

speach: *f. n-dh.* steall bháistighe. Rinne sé speach mhaith ar maidin, tráth éigin, bhí an talamh fliuch: streall. Chuir sé speach chainnte as: mórán.

speachadh: *f.* (*-chta*) bualadh siar leis an gcois; raideadh; diúltadh. Is dócha go bhfuil rud éigin ar an gcapall an tslighe atá sé ag speachadh na talmhan: ag bualadh a chrúb air. Goirteóchaid, táid ag speachadh a chéile: ag tabhairt fé chéile leis na cosaibh deiridh. Ag speachadh gach aon rud a tairngtear do: ghá ndiúltadh go goirgeach. Thug an bhó iarracht ar me do speachadh: do bhualadh lé n-a crúib. Ní fheadar cad é an saghas é, bíonn sé ag síor-speachadh, ní déantar is ní bhfaigheann sé aon rud ar a thoil.

speachaim: *b.a. 7 n-a.* buailim leis an gcrúib, sál; lascaim. Speach an capall é agus ghoirtigh go cruaidh: bhuail go cruaidh leis an gcrúib. Ná speach anois!: ná déin aon rud bun os cionn. Speach sé an doras amach a raibh ann againn: láscáil sé: bhí sé ag gabháil orainn leis an mbróig. Speach sí an calán: bhuail is leag. Ná bíodh aon iontaoibh agat as, ní bheadh a fhios agat cathain do speachfadh sé: dhéanfadh sé rud éigin a laitfeadh an scéal. Speachann sé gach aonnidh: téigheann ina choinnibh.

speachaire: (**speachálaidhe**) *f.4.* ainmhidhe a speachas; duine a chuireas in aghaidh rud trí thuaisceartacht nó contrárdhacht. Speachaire bó a dhoirtfeadh an uile bhraon bainne a bhíos aice: a bhuaileas an calán. Seachain thu féin ar an speachaire capaill sin: buailteóir. Ní fhéadfá é d'ionnramháil, an speachaire: a éaras rud.

speachghail: *b.3.* bualadh leis na cosaibh (deireadh). Suidhte ar an gcarraig is me ag speachghail san uisce: ag bualadh mo chos tríd. Cad tá ag cur an chapaill sin ag speachghail? an tinneas atá air?: mar bheadh sé ag tabhairt fé rud éigin chun a bhuailte. Ní fuláir nó tá rud éigin i gcrúib na bó is í do bheith ag speachghail: ghá tógaint, ghá crothadh is ghá bualadh fúithi go grod.

spéacla: *f.4.* gloine don súil. Ní fhéadfainn léigheamh gan mo spéaclaidhe: tá an radharc ag tréigean orm. Briseadh leath-spéacla dhíobh so: taobh díobh. "Léan id spéacla", deirtear lé míchéadfadh mhór.

speáin: *in ionad 'teasbáin'* Ar speáinis do chos do?: ar thugais amharc do uirthi. Speáinfinn an chathair duit dá mbeadh eaga agam air: bhéarfainn tímcheall ar a fuaid thu agus dheimhneóchainn rudaidhe dhuit. Speáin i leith é sin uait: tabhair dhom é. Níor speáin sé é féin riamh ó shoin ann: níor nocht: níor chuir é féin i radharc. An-chúinse seadh é, agus speáinfidh sé fós é: foillseóchaidh: cuirfidh sé in iúil é. "Speáin é sin dom" – "ní hón Spáinn é ach ón bhFrainnc" (deismireacht focal). "Speáinfidh sé rud": ní dhéanfaidh faic i dtagairt leamh.

speal: *f. n-dh.* tamall, seal. Tá sé speal mhaith agat anois, tabhair dom-sa tamall é: seal: eaga mhaith aimsire. Níl ann ach an speal san: ní féidir leis cothughadh do chongbháil ar a iarracht. Rud lom-chaithte seadh ach bhainfeadh duine speal as: tamall aimsire. Is mithid dom gluaiseacht, táim speal annso: tamall fada mo dhóthain. Bíonn fuadar árd fé ag cur chun ruda, acht ní bhíonn ann ach speal bhramaigh: gearr-thamall séirse: bíonn bramach mear, tapaidh, ach ní bhíonn an coingheall ann chun leanamhna air. Is maith an

speal as so go Corcaigh é, os chionn céad go leith míle: turus: aistear. Ná fuil árd-speal caithte ar an saoghal aige má tá sé coraidheacht agus cheithre fichid: ré mór.

speal: *b.2.* úirlis chun bainte féir, arbhair, etc., go mbíonn lann chuar, chaol, ghéar ón dtaobh istigh innte agus crann go mbíonn dhá dhúirnín air. "Faobhar a bhaineas féar – ní headh ach fear maith is speal ghéar": go mbíonn faobhar maith uirthi. Na speala cos atá fé, is mór an obair dóibh é d'iomchar: cosa móra, fada, caola. Tabhair an speal do: bain lé speil é. Lá speile an lá is marbhthaighe: lá ag obair léi. Dá mbeadh duine tuirseach nó ag gearán go raibh déarfaí "budh dhóigh lé duine gur ar do speil do bhís" .i. go raibh lá diachrach oibre beartha air. Oireamhaintidhe speile, an crann .i. sámhthach, na dúirnínidhe, a bhíos ceangailte den gcrann chun breis buannachta d'fhagháil uirthi chun oibre, an chloch, agus an clár, a chuireas faobhar uirthi, an lann, an t-iarann a ghearras: an luidín, an fáinne ar cheann an chrainn mar a bhfáisctear an lann.

spealadh: *f.* (*-ltha*) silleadh, do chur lé fán, scaipeadh, do dhortadh; do theascadh; tuiteam i luach, tréigean snóidh is sláinte. Na bainteóiridhe (buanaidhthe) ag spealadh an ghuirt ar dalladh: ag gearradh an fháis. Bead ag spealadh an fháil chun clóidh mhaith do thabhairt air: ag teascadh na slapar ró-fhada is ghá chur in ionannas. An t-éan ag spealadh a chleitidhe: é sa chleitigh. Na hubhla dhá spealadh den gcrann ar fuaid an gháirdín: ghá bhaint is ghá chaitheamh. Is áidhbhéil an spealadh atá dhá dhéanamh ar fhearaibh sa chath so, na mílte ar lár: treascairt. Ag spealadh aitinn don gcapall: ghá ghearradh. Fágadh an t-arbhar ina sheasamh go raibh sé ag spealadh: ag silleadh lé haibeamhlacht. Is mór an spealadh atá ag teacht ar sheifteannaibh lé déidheannaighe, táid ag imtheacht as amhrán nách mór: tuiteam i luach. Níl aon deagh-chroth air lé déidheannaighe, tá spealadh éigin ag teacht air: tréigean.

spealadóir: *f.3.* buanaidhe, fear speile. "An Spealadóir": ainm amhráin. Is éachtach an spealadóir an bás, ní fhágann sé léas ar bith ina dhiaidh: marbhthóir: teascaire. Ar gach taobh, ina dhiaidh agus roimis bhí sé ghá dtreascairt lé racht nirt mar bheadh spealadóir ar mhóinfhéar: iad ag tuiteam go hiomadamhail ina thímcheall. Ní bheadh an oiread tuirse ar spealadóir: tuirse an-mhór. Spealadóir búntáisteach: ná beireann leis ach sraith bheag. Spealadóir cumhang.

spealadóireacht: *b.3.* baint le speil. Chómh tuirseamhail lé lá spealadóireachta atá an lá curtha isteach: an-bhroideamhail, dian. Cad é an gearán atá ort, ní hag spealadóireacht a bhís: níl aon chúis cnáimhseáin agat.

spealaim: *b.a. 7 n-a.* scughaim, sillim, scaipim, tréigim (sláinte), tuitim (luach), bainim. Ní raibh oiread gréine ann agus spealfadh an drúcht: a scaipfeadh, thiormóchadh é. Speal sé go mór fiú amháin lé bliadhain, chrom sé is sheirg sé: thréig sé. Speal sé an gort mór san ina aonar: bhain lé speil an fás a bhí air. Speal an gála na hubhla: bhain agus d'fhuaduigh des na crannaibh iad. Speal an coirce sar ar friotháladh ar é do bhaint: shill sé: d'imthigh an gráine as.

spealaire: *f.4.* spágaire. Nuair shuidheann an spealaire i dtosach na trucallach ní mór ná go mbíonn a bhróga ag scríobadh an bhóthair: duine fadchosach.

spealánta: *a. n-dh.* géar, diachrach. Tá tinneas spealánta im dhrom, níl ionam me féin do dhíriughadh: géar, peannaideach: gonta: nimhneach.

spealántacht *b.3.* géire, diachrach. Lé spealántacht an tinnis bhí gach aon scread aige, is ní fhéadfadh cor de chur de sa leabaidh: déine is géire.

speallraoid: *b.2.* iomrall nó seachmall súl, intinne, spéarataidhe nó cainnte; rádhmhaill, tuairm gan bhun; aiste mheallta aigne. Cad iad na speallraoididhe atá ort go bhfuilir ag cur salainn in ionad siúicre ar do chuid té, ag cur siúicre in ionad salainn ar do chuid feóla?: iomrall aigne: fán machtnaimh chirt. Ní fheadar cad bhí dhá rádh aca im thímcheall, mar bhí speallraoididhe codlata orm: an codladh ghom chur amughadh nár thuigeas go soiléir cad a bhí ag tárlachtaint im thímcheall. Má ólair an deoch láidir sin cuirfidh sí speallraoididhe ort: san tslighe thu is nách eól duit cad is ceart duit do rádh ná do dhéanamh: go soiléir soiléasta. Lé speallraoid óil ní raibh a fhios aige cad a bhí dhá dhéanamh aige nuair shiubhluigh sé amach 'on uisce thar a aoirde: seachmall is mearbhall incheann. Ó, tá sé árd-bhreóidhte ar fad, tá rádhmhaill agus speallraoid air: ag cainnt gan bun: a lia rud ag imtheacht trí n-a inchinn gan réidhteach gan léire. Má chidheann tú bád amuigh annsan tá speallraoid ann mar ná fuil a leithéid ann: taidhbhse: mearbhall súl. Chuirfinn speallraoid ort lé buille!: spéarataidhe: mearbhall incheann ort: i slighe is ná beadh a fhios agat cad bheadh dhá dhéanamh agat. Bhí speallraoid uirthi is é do phósadh mar nách nuachar maith d'éinne é: dalladh intinne: chuir rud éigin bun os cionn a tuigsint. Nách mor na speallraoididhe atá air ná feiceann sé an rud atá uaidh is é ós a choinne amach, dá mbeadh cainnt aige labharfadh sé: mearbhall radhairce.

speán: *f.1.* lúth, corruighe ball, préamhach aitinn, craoibhe, etc., dóighte. Níl brigh an speáin ionam tar éis na himeartha, chuaidh sí chómh dian san orm: lag-bhrigheach ar fad: níl fulang, seasamh ná buaine ionam. Ní fhágfadh an teas amuigh ins na tíorthaibh thoir brigh an speáin sa bhfear bán: bheadh sé leasc, neamh-anamamhail, neamh-éascaidh.

spéara: *f.4.* spíce, sprochaid ghéar (charraige), aon rud a bheadh seang, caol ag teacht chun barra. Spéara na ceaisile: an sprochaid iarainn innte go rinnceann sí air. Spéaraidhe cloch ar an gcasán ná féadfá siubhal air aca: clocha géara aníos as an dtalamh. Spéara mór árd carraige ná féadfá dul ina mhullach: é chómh géar, meiscreach san go ngearrfadh duine gan cosaint. Siar ameasc spéaraidhe na n-oileán a gheóbhfá na héanlaithe fiadhaine sin ag neadughadh: searra: carraigeacha géara, méiscreacha. Nár bh'é an droich-ghéag é gur chuir sé spéara cloiche ceangailte síos ina cloigeann: cloch go mbarra géar.

spearbal: (**spearball**) *f.1.* mearbhall intinne, súl, etc. Chuir an splannc spearbaill orm go raibh gach aon rud ar snámh os chómhair mo shúl: gur taidhbhsigheadh dom go bhfeaca rudaidhe ná raibh ann in ao'chor. Cuirfead-sa spearbal air sin mara gceapann sé a shuaimhneas: ins an tslighe é is ná beidh i ndán machtnamh go soiléir. D'fhéach sé ar an ngréin láidir is chuir sí spearbaill air: mearbhall ar a shúilibh: bhain sé treó a radhairce dhe ar feadh tamaill. Cad é an spearbal atá air ná faigheann sé an glas: cad iad na spéarataidhe atá ar a shúilibh: an suathadh atá ar an radharc aige ná feiceann sé cruinn. Chuirfeadh sé siúd spearbaill ort lé hairgead: an oiread san aige dhe is go leathfadh an

radharc ionat fé. Imthigheadh na spearbaill ded shúilibh agus feic i gceart: cad atá agat dhá dhéanamh: pé scamall atá ortha ghod chosc ar nidhthibh do thabhairt fé ndeara ina gcrot ceart, fírinneach. Ní haon uair amháin atá spearbail curtha ag Roimeil ar an saoghal lé n-a fheabhas de cheann sluaigh: alltacht áidhbhéil. B'fhéidir go mbainfeadh san na spearbail des na súile agat: go n-osclóchadh sé go leathan solasmhar iad. Tá spearbaill éigin orm, táim ag lorg ruda éigin ná feadar cad é: dul amudha ar mo chuimhne is mo mhachtnamh.

speathánach: *b.2.* préamhach aitinn, craoibhe etc. dóighte. Ag bailiughadh brosna speathánaighe: préamhacha feóighte, beart speathánaighe. Lasfadh sé ar nós na speathánaighe: gan aon mhoill in ao'chor.

spéice: (**spéaca**) *f.4.* aon rud fada caol, mar adharc. Bó na spéacaidhe: na n-adharc bhfada, cam. Tairng chughat do spéacaidhe cos: cosa fada, caola. Bíonn spéacaidhe ar phiardóig: sprochaididhe móra fada, caola chun braithte roimpe.

spéiceach: *a.* (**spéacach**) biorrach, géar. Bó spéiceach: fad-adharcach. Carraigeacha spéiceacha go bhfuil faobhar rásúrach ortha: géar, biorrach. Ná bí chómh spéiceach is go gcuirfidh aon rud adéarfar leat mí-chéadfadhach: soi-fheirge: gruamdha, stuacach. Cad bheir spéiceach indiu é, tá muc ar gach malainn leis: clipitheach: cráidhteach.

spéicéir: *f.3.* teanga labhartha. B'shiúd é an spéicéir a bhí ar an ngasra a chuaidh ag pléidhe lacáiste cíosa ar an dtighearna talmhan: an té a bhí toghtha chun a dtaobh den scéal do thagairt.

speichín: *f.4.* speach bheag, sonnc beag. Fuaireas speichín ó earball na bó: buille beag, éadtrom. Níor bh'fhiú speichín asailín é: buille ó asal óg.

speilp: *b.2.* rath, breid, sochar, crích. Táid annsúd i mbothán fhuar, dhealbh tar éis a rachmuis go léir is gan speilp sa tsaoghal ortha: gan aon rud aca. Dá mbeadh aon speilp chun an tsaoghail ort, bheadh rud agat maidir leis gach éinne: aon chrích chun maireachtana. Dá mbeadh aon speilp orm thabharfainn beagán duit: oiread agus go mbeadh cumas agam air. An méid atá déanta as an slighe aige ní chuirfidh sé aon speilp air: aon bhreis ná tairbhe. An bhfuil aon speilp ort? an bhféadfá seasamh?: aon chrích ar an bpóca agat? Go bráth, bráth ní thiocfaidh aon speilp ar do chuid airgid, táir ró-chaithteach: breis, feabhas.

speir: *b.2.* an t-alt láir i gcosaibh deiridh ainmhidhthe ceathair-chosach, an bhac, sál; rinn thalmhan, carraig ag éirghe amach fhaill. Cuir seir ar an gcaoirigh ar an dtaobh anáirde den speir: de bhaic na coise deiridh. Táid ag baint na spearach dá chéile d'iarraidh tosach do bheith isteach aca ar a chéile: ag baint na sál, etc. Gearradh an capall sa spearachaibh: sa bhaic idir an gcrúib agus an cheathramha. Bain as do spearachaibh é má tá uait breith ar an aifreann: cuir díot i ndeireadh an anama. Cad bhain an croiceann ded speir?: ded sháil. Speir na nDeargán: rinn nó poinnte talmhan mar a mbíonn deargáin lé fagháil. Speir Bheiginis: rinn chaol thalmhan ag rith amach 'on bhfarraige breis ón oileán.

spéir: *b.5.* culbhaidh neimhe mar thaidhbhsigheann, aer. “An bhfuil radhairc agat air?” – “ní fheaca riamh é ná an spéir os a chionn”: ní rabhas riamh dom eólas in aon ghiorracht do. Cuirfir tamall eile dhíot sara mbreághthóchaidh an aimsir ort féach an spéir scáthánach atá ann: soiléir, soiléasta, tanaidhe. Daoine doichilleacha neamh-fháilteamhla ná leigfeadh duit bheith istigh ó spéir na hoidhche: bheith fé léith na síne. Tigh maith agam ann, go bhfuil díon ón sín is ón spéir agam: ós na dúlaibh. Ardóchaidh na spéartha leis an ngaoith seo: scartfaidh sé: imtheóchaidh na scamaill is tiocfaidh breághthacht is gealas ar an aimsir. Éinne go raibh tart sa togh úd air, é féin budh bhun leis, mar bhí deoch ag dul sa spéir ann: go lán-fhlúirseach. Maircréil ráthaidheachta ag dul sa spéir ann: chómh flúirseach san go rabhadar ag léimeadh aníos as an uisce. Bíonn a ceann sa spéir i gcómhnaidhe aice: a ceann anáirde: gan í ag tabhairt daoine fé ndeara lé tóirtéis. Mara mbeadh do cheann bheith sa spéir agat chidhfeá é: gan bheith ag féachaint san áit budh chóir. Chuireadar ná fáiltidhe geala rómham, budh dhóigh leat gur anuas ón spéir do thuiteas chúcha: ar an nath do chuireadar ionam budh dhóigh leat gur luach ó neamh do bronnadh ortha. Áthrach chómh fada ó bhaile dob eadh í is gur dóigh leat go raibh sí ag bun na spéarach: san áit go dtaidhbhsigheann cómhrac uisce is spéarach. Amach fén spéir leat: fén mbán: as an dtigh etc. Scuainidhe móra éan a bhainfeadh radharc na spéarach díot nuair bhíd ag bailiughadh um thráthnóna chun a nead: bheadh an t-aer tuilte leo. Cailín breágh, dathamhail go bhfuil spéir ina ceannaghthaibh: gile, beódhacht. Bóthar an-achrannach atá romhat agus an oidhche árd-dhorcha, chómhairleóchainn duit fanamhaint lé spéir an lae ambáirigh: solasmhaireacht, gealas. Ionbhaidh mhaith chun pullóg seadh spéir ghealaighe: oidhche gheal. Spéir gan réilthín teinteán gan leanbhaidhe: is neamh-thaithneamhach iad araon: uaigneach: duairc. Spéartha dearg suas, fearthainn is fuacht, spéartha dhearg soir, sneachtadh go glúin fir, spéartha dhearg siar, triomalach is grian, spéartha dhearg síos, fearthainn agus gaoith – sin iad cómharthaidhe na síne. Os chionn an chatha so tá spéartha ag cnagadh: glór agus torann san aer ag tóirnigh. Dá scoilteadh an spéir air ní scéidhfeadh sé: dá bpléascadh sí agus tuiteam air. Thóg an scéal sa spéir me!: bhain sé dem bhonnaibh me lé neamhchoinne, iongtas etc. Ní fheicim aonnidh ag teacht ón spéir chun éinne: mar thuitfeadh ó neamh gan a dhuadh d’fhagháil. Spéir sheaca: an-fhuar. An spéir ghaoithe í sin thiar orm: cómharthaidhe san aer go dtiocfaidh gaoth as. “Agus budh pras an spéir bhias ós do chionn, agus iarann an talamh bhias fúd” (Deut. XXVIII. 23): gan drúcht, gan báisteach, etc. An talamh ’san tír is íoghair na spéire: bun. B’olc an uain í, budh dhóigh leat go dtuitfeadh an spéir: go mbuailfeadh talamh is aer ar a chéile. Go dtuitidh an spéir ort maran ort atá an deabhadh: go dtagaidh rud éigin ón aer ort a choiscfidh thu. Ná bíodh aon bhrón ort, gealfaidh an spéir fós ort: tiocfaidh saoghal is fearr ’ná so ort. Áthrach spéarach: eiteallán: long aoir. Thug sé teine don dtigh is d’imthigh sé spéir: las sé is dhóghaidh sé, is d’imthigh ina ghal. Is againn atá an tír is áilne fén spéir: ar an dtalamh so.

spéir-: *i gcfbh.* ar chlódh na spéarach, áluinn. Ó, a inghin ó, spéir-bhean cheart seadh í, budh dheacair a samhail d’fhagháil ar shnódh is ar scéimh: fíor-áluinn. Níor bh’aon bhean shaoghalta do bhí ina leithéid d’áit uaignigh ar a leithéid d’uain, ach spéir-bhean éigin: bean fé dhraoidheacht. An spéir-bhruinneall mhaordha, mhodhamhail, óg: bean lán-sciamhach. Tá sé de chuma air go mbeidh an chuid eile den lá spéir-bhreac: gealas ón ngréin idir scamallaibh ann: tirim (tar éis fearthainne). Go saoraidh Dia sinn an spéir-bhuile a tháinig ortha chun a chéile, mallachtaidhe agus íde bhéil go raibh cubhrán bán

leo: cuthach: fiadhantas feirge. Aimsir spéir-choirtighthe ná fuil fás ná aoibhneas innte: trom scamallach. Lá spéir-cheathach, sceamhach ón bhfarraige: ceathanna ag rith innte go mion minic. Cailín spéir-chrothach go dtuiteadh na céadta i ngrádh léi: go raibh déanamh sciamhach uirthe. B'é an bhean budh spéir-dhathamhla lé n-a linn í, bhí sé tugtha suas di: dob áilne snódh. Bhéarfadh a spéir-dhathamhlacht in aon bhall í: leis an snódh is an clódh fíor-áluinn, fíor-thaithneamhach a bhí uirthi dob fhonn leis an saoghal mór a coidreamh is a cómhluadar. Déanfaidh sé lá maith mara, tá sé spéir-chneasta: tá sé socair, sochma ós chionn. Oidhche spéir-gheal a dóthain chun eólais do ghluaiseamair rómhainn ar ár dtriall fada: gan scamall ná iomad doircheachta. Thaithneochadh sí lé héinne tá sí spéir-ghnúiseach: ceannaghtha bhreágh, dathamhail uirthi. Lá ró-spéir-ghlan atá ann agus ní bheadh aon bhreith ar iasc: an iomad gealais san aer, agus mar sin san uisce. Faid agus shroichfeadh do radharc bhí an dúthaigh spéir-lasta ges na teinteachaibh a dhein na pleascáin: solasmhar lé méid na lasrach. Ní thaidhbhsigheann an áit chómh háluinn indiu agus is gnáthach leis tá sé spéir-mhúchta: dorcha, trom ó scamallaibh. Brathaim tuirseach, codlatach indiu, tá sé mós spéir-throm: aer trom, íseal ann. Mheallfadh a spéir-shúile an saoghal mór: neamhdha, áluinn.

spéireamhail: *a.* sciamhach, áluinn, dathamhail, geal, aerach, beódha, suairc. Pé slighe atá sé féin tá cuma spéireamhail air: suairc, aer, neamhdhochmamhail. Maidean bhreágh spéireamhail seadh í a chuirfeadh taithneamh ar do chroidhe éirghe amach fúithi: glan, "árd", is aer bog, anamamhail ann. Cailínidhe spéireamhla fé n-a gcuid éadaigh shaoire ag gluaiseacht, ag aeridheacht dóibh féin: cuma shona, shuairc ortha. Áit chómh sláinteamhail spéireamhail is gheobhfá in Éirinn amuigh annsúd ar an gceann, go hárd anáirde os chionn farraige, is fairsinge radhairc ar gach taobh: aerach, gan aon rud ag cur ar an radharc ná ar úireacht is buige an aoir. Anáirde in uachtar an tighe tá seómraidhe spéireamhla: go bhfuil fairsinge ionta, solas is aer go leór. Cailín ró-óg, ró-spéireamhail le pósadh ag seanduine í sin: ró-aerach. Siubhlann sí go spéireamhail: éascaidh, éadtrom, líomhtha, taithneamhach. Parróiste spéireamhail a thaithneóchaidh leat é: radharc breágh is aer glan ann.

spéarthat: *f. n-dh.* cómhartha i ndéanamh sleágha ar chárta imeartha; cárta díobh so. Muilleat an mádh agus is maith an drámh an spéarthat: an uair is é an muilleat an cárta barra (cinn, iompuighthe etc.) nó a goirthear mar mhádh ní misde seasamh ar an spéarthat. Leig don gcailín sin, cad iad na spéarthataidhe atá ort? .i. is follus duit nách mian léi do chaoraidheacht, mar sin cad é an mearbhall atá ort ná leigfeá dhi. Chun na fírinne d'innsint ní fheadar cá gcuirfinn mo chos ge spéarthataidhibh codlata: mearbhall trí cheal glan-dhúiseachta. Cad iad na spéarthataidhe a bhí air agus gabháil an bóthar mí-cheart i gcorplár an lae ghléigil ghil: mearbhall súl agus inchinn. A leithéid sin de bhuille fuaireas gur chuir sé spéarthataidhe orm: caoch-shúilghe: gur taidhbhsigheadh dom baill dhubha bheith ar snámh os mo chómhair.

spéir-ghealaighe: *b.4.* gealas spéire gan solas an ré nó ar an ré bheith fé scamallaibh. Tá spéir-ghealaighe na hoidhcheanta so ann: gealas spéarach de bharr réilthínidhe, neamhscamallacht, nó folach an ré.

speirín: *b.4.* speir bheag. Na speirínidhe atá ar mo leanbh bán: sála gleóidhte, coracha. Speirín idir dhá chuas: rinn bheag thalmhan.

spéirling: *b.2.* eascal, anaithe spéarach. B'shiúd í oidhche na spéirlinge a bhris agus a bhrúigh na fichididhe long ar muir: stoirm uathbhásach. I dtuaisceart na hAfraice anois tá spéirling chatha lé seachtmhain ar siubhal idir chránachaibh cogaidh go bhfuil scrios ceart dhá dhéanamh ag an dá thaobh ar a chéile: anaithe uathbhásach: is cosamhail é le síor-splanncrach is síor-thóirneach.

spéis: *b.2.* suim, nath, áird, éileamh; cantam, méid áirighthe. An té ná cuireann spéis ina chúram beidh sé ar an bhfán: nath: aire agus cúram do dhéanamh de. Buachaill gan spéis san airgead atá ann, caitheann sé go rabairneach é: gan lúib istigh: gan dúil aige ann. D'imthigh sé gan aon spéis bídh do chur ann: gan cuimhneamh ar bhiadh do thabhairt do nó d'fhagháil amach ar theastuigh sé uaidh. Is mór é mo spéis ionat, níor mhaith liom mágáine do bheith ort: suim: machtnamh do bhaile. Leigeas uaim go saor é mar ná raibh mór-spéis agam ann: lúib istigh: claonadh lé n-a choimeád ar son a thairbhe dhom. An bheag-spéis i ngach rud: gan aird air: gan aon tsuathadh do dhéanamh ar aigne. Leabhar in-spéise atá scríbhte aige, léighfeá ó thóin ceann gan a chur uait: iontsuime: leabhar a mhúsclóchadh éileamh a léighte ionat. Ní chuirfeadh sé spéis snap do mhéire in aon duine: aon mhairg do mharbhadh do bheith air. Leis an neamh-spéis d'fhág sé amuigh thar oidhche a rothar agus bhí sé bailighthe leis ar maidin: faillighe agus neamh-aire. Sin fear go gcuirim spéis ann: go mbím ag machtnamh go báidheamhail air féin agus ar a ghníomharthaibh. Duine uathbhásach ná fuil spéis i nDia ná i nduine aige: ná cuireann sé aon mhairg air peacughadh in aghaidh Dé is na cómharsan. Níl aon spéis i scilling aige: is furaiste leis í do chaitheamh: níl aon ghreim aige uirthi. Is mairg chuireann spéis sa tsaoghal so, níl ann ach gal suip: a bhíos ghá bhuaidhreamh féin ró-mhór chun ionmhasa do bhailiughadh is a ghiorracht a mhaireann sé: áird aige air.

spéiseamhail: *a.* suimeamhail, nathamhail, éileamhail. Táir ró-spéiseamhail san airgead, agus is mó a oirfeadh an t-éadach san duit 'ná é: tá an iomad suime is lúib istigh agat ann: is ró-dheacair leat scaramhaint leis. An bhfuilir spéiseamhail sa chogadh so?: an gcuirir suim ann?: an dtógair ceann de?: an mian leat eólas do bheith agat connus tá sé ag imtheacht? Scéal spéiseamhail seadh é, budh bhreágh leat bheith ghá léigheamh: a thaithneóchadh go mór leat is go bhfaghfá sásamh ann. Cailín atá an-spéiseamhail i ngnóth tighe seadh í: gur mian léi é, is gur maith léi bheith ag gabháil de. Táir ró-neamh-spéiseamhail ar fad, féach an tslighe atá do chuid oibre ag méadughadh ort: faillightheach ina taobh: gan bheith ina chúram, í do bheith dhá leigeant lé fuaire is neamh-aire. Bheadh na fir i bhfad níos spéiseamhla ina gcuid oibre dhá bhfaghaidís breis thuarastail: is mó an cúram a chuirfeadh sé ortha agus an aire do thabharfaidís di. Táim an-spéiseamhail ionat: suimeamhail: tú féin agus na nidhthe a bhíos ar siubhal agat budh mhian liom go maith. Ní lé cion orm atá sé spéiseamhail ionam: ghom thabhairt dá aire, féach connus mar dhéanfainn. Bean neamh-spéiseamhail: ná bíonn áird ar a gnóth aice.

spéiseamhlacht: *b.3.* suimeamhlacht, nathamhlacht, báidheamhlacht. Is mór go léir an spéiseamhlacht do chuireann sé ionat go mbíonn do shíor ar do thuairisc: an bháidheamhlacht aigne atá aige leat: bíonn sé ag smaoineamh go geanamhail ort. Neamh-

spéiseamhlacht do gan an leitir d'fhreagairt: is ní neamh-fhonn, manaois is ceal na suime budh cheart do. Tá spéiseamhlacht ina ghnóth aige agus a rian air is é atá go gasta agus go críochnamhail: dúthracht is cúram.

speisialta: *a. n-dh.* áirighthe, sonnradhach, fé leith, dearbhtha. Ceapadh lá speisialta i gcóir an chruinnighthe: lá áirighthe: lá curtha i leathtaoibh do. Beathuisce speisialta é seo agus tá ceól ann: go bhfuil tréith éigin áirighthe ann. Ní mór úirlis speisialta chun san do dhéanamh: úirlis fé leith oireamhnach do. Toghadh fir speisialta chun foghaidh aoir do dhéanamh ar an mbaile: fir go raibh tréithe áirighthe aca nó eólas fá leith dá mbeart. Níor mhór don gcois sin aire speisialta d'fhagháil más maith leat í do dhul i bhfeabhas agat: aire neamh-ghnáth. Obair speisialta í seo agam: atá ag baint lé rud áirighthe. Agus níor mhór dom oileamhaint speisialta do bheith orm chúiche: an saghas a oirfeadh di.

spiaca: *a. n-dh.* geal, gléasmhar, soillseach, niamhdha. Bíonn éadach spiaca de ghnáth uirthe: dath niamhdha, soiléir air. Baineann sé ceól spiaca as an seanbheidhlín: ceól iongtach le binneas. Tagann cainnt bhreágh, speisialta uaidh: taithneamhach.

spiacadh: *f.* (*-ctha*) gríosadh, spriogadh. Ná bí ghom spiacadh chun peaca léd chuid mealltóireachta: gríosadh. Ní mór an spiacadh is gádh dho súd chun aonnidh do dhéanamh, tá sé aibidh a dhóthain é féin: séideadh fé.

spiacaidheacht: *b.3.* léighe lé lonnracht datha, lé rudaidhibh suaithinseacha, neamh-ghnátha. An fhaid is beó í an bhean mairfidh an spiacaidheacht innte: an cion is an dúil i ndathacha. Dath is déanamh neamhchoitcheann ar gach aon rud do chaitheann sé, bhíonn uaidh, tá an spiacaidheacht chómh ceangailte sin ann: leagadh is dúil i rudaidhibh suaithinseacha.

spiadhaire: *f.4.* brathadóir, duine cuirtear i ndúthaigh nó i gcampa namhad ar lorg eólais nó faisnéise; duine a bhíos ag déanamh faire fé thóin ar chainnt, ghníomh, is iomchar dhuine eile. Spiadhaire beag salach ar scoil dob eadh é d'innseadh sé ar gach éinne leis an máighistir: ganfhiosaidhe. Íde an spiadhaire atá tuillte aige: crochadh nó lámhach. "Bhí spiadhaire éigin ina measc", nuair leathann rud a saoileadh do bheith ina rún is do coimeádfaí ina rún daingean.

spiadhaireacht: *b.3.* brathadóireacht, ganfhiosaidheacht, cluasghail. Rinneadh spiadhaireacht ar an scairt a bhí againn agus tángthas go hobann gan choinne orainn: brathadóireacht: tugadh faisnéis rúin cá rabhamair. Treóntaidhe a bhíodh ag spiadhaireacht don dtighearna talmhan: ag breith scéal fá thóin chuige mar gheall ar imtheachtaibh na dtreóntaidhthe eile. Rugas cois an dorais air ag spiadhaireacht ar an gcainnt a bhí ar siubhal istigh: ag cluasghail go mbeadh eolas aige ar cad bhí ar siubhal.

spiairlint: *b.2.* scadán gainimhe. Bíonn sí fada caol is gob fada uirthi. Bíonn sí go maith chun baoite. Dath an scadáin uirthi. Táid chómh caol lé spiairlintidhibh cheal a gcoda féin: an-sheang d'easbhaidh a ndóthana lé n-itheadh.

spial: *f.1.* aon rud fada caol, tanaidhe. Na spiail chos atá fúithi, déarfá ná hiomcharóchaidís í: an-dhearóil. An spial srón atá air, is deallramhach lé gob éin é: srón fhada, thanaidhe.

spíce: *f.4.* tairnge fada, láidir, spuaic, carraig ghéar, árd, léas sholais. Spícidhe an bheannáin úd is ortha do bheireann an ghaoth: barraidhe géara, árda, méiscreacha. Bíonn spícidhe i mbrógaibh na strapadóiridhe chun greama d'fhagháil: sprocaididhe miotail ghá gcosaint ar shleamhnughadh. B'fhearr liom mo cheann do chur ar spíce 'ná scéitheachtaint leis an namhaid: é do bhaint dhíom is do chur ar sparra caol iarainn mar sholaoid do dhaoinibh eile. Feóil ná bláthas ní thiocfaidh choidhche ar an spíce: duine lom, caol. Aon spíce ní fheaca i gcorplár an doirchidis uile go léir: léas sholais: aon gháth amháin.

spíceáil: *b.3.* do thiomáint spícidhe tríd rud. Ag spíceáil mo bhróg: ag cur sprochaididhe ionta. Ag spíceáil na raidhilsidhe (adhmaid): ag cur tairngidhe móra, fada, garbha, greamuightheacha ionta.

spíceálaim: *b.a.* cuirim spícidhe trí. Spíceáil an gréasaidhe mo bhróga dhom i gcóir an ráis: chuir sé blúiridheacha (sprochaididhe) caola, géara ina sáil is ina mbonn. Spíceáladh a cheann ar an gcarraig i mbéal an Chuain toisc eólas na Sionainne do thabhairt do loingeas na Frainnce ar a dtriall go Suidhe Luimnighe.

spíceálta: *a.r.* daingnighthe le spícidhibh. Bróga spíceálta .i. chun greama d'fhagháil sa talamh. Ceann Sheáin an Díomais spíceálta ar Chaisleán Átha Cliath: ar shlait iarainn go raibh barra géar, caol uirthi.

spíd: *b.2.* cnuimh, droch-aigne, foladh. Is breágh é an saoghal agat ná fuil spíd agat d'éinne, pé cúis a bheadh agat ortha nó pé díth dhéanfaidís duit: droch-aigne. Ní mór an mhaith a dhéanfadh sé do chómharsain ná do dhuine iasachta, tá spíd ann: neamh-nádúir. Ní bhfaghainn locht ná spíd choidhche air: aon mhío-thaithneamh ní chuirfeadh sé orm. Níor spíd leis a dhóthain d'ól aon lá: aon mhairg.

spíde: *f.4.* blúire beag, luid. Níl spíde ar an gcnámh aige: rian feóla. Níl spíde fí (fiatha) anáirde air ó bheith ag ól thobac: tá sé caithte go cnámh aige. Níl spíde ar aon chnámh leis, ní fhéadfadh sé gan fuinneamh is lúth do bheith ann, tá sé chómh cruaidh lé hiarann: aon rian feóla bog ná neamh-ghádhtarach.

spídeamhail: *a.* droch-aigeanta, díomasach, cnuimheamhail. Ná bí chómh spídeamhail is go n-agrófá gach aon chúis bheag ar dhuine: droch-aigeanta. Go deó na ndeór ní mhaithfeadh sé éagcóir dá luighead tá aigne chómh spídeamhail sin aige: neamh-bháidheamhail, claon lé holc.

spídeamhlacht: *b.3.* díomasacht, droich-aigeantacht. Maith ná cúiteamh ní bhainfeadh an spídeamhlacht amach as a chroidhe sin: an chlaontacht lé faladh do chothughadh i gcoinnibh dhuine. Níor bh'fhearr leis ar fóghnamh thu 'ná go haindeis, tá an spídeamhlacht chómh daingean san ann: droch-aigne.

spideóg: (**spiodóg**) *b.2.* éan beag donn go mbrollach dearg-bhuidhe, ceanamhail ar choidreamh; baineannach dhearóil, éadtrom. Níl toirt spideóige innte tar éis na breóiteachta fuair sí: suarach, croithte.

spídeóir: *f.3.* (**spíodóir**) spiadhaire, duine díomasach, droich-bhéalach. I rith an chlampair annso eadrainn bhí sé de theist air gur spídeóir é, agus ní tugtaí aon iontaoibh leis: duine a thabharfadh eólas fé thóin uaidh. Ná bíodh aon chúis ag an spídeóir ort, nó má bhíonn ní fearrde thu a theanga ghéar: duine béal-tarcuisneach.

spídeóireacht: *b.3.* (**spíodóireacht**) spiadhaireacht, íde bhéil. Ní molta í an spídeóireacht: fairghis ghnótha, chúraim is gníomhartha chách lé haghaidh scéitheachtainte air. Aon dearmhad a dhéanfadh cléireach leis, truagh eisean maidir le spídeóireacht, ní fhágfadh sé an croiceann air: íde bhéil tharcuisneach.

spiléar: *f.1.* doradha láidir fada go mbeadh ó chéad dubhán suas air gabhtha feadh nó mar sin ó chéile agus a síntear ar thóin na mara.

spinncín: *f.4.* aon rud caob-bhiortha, carraig caol-bharraigh. Spinncínidhe seadh an ceann thuaidh den oileán: bearracha caola carraige.

spioch: *f. n-dh.* splannc, spreang; ríog; néall; duine nó ainmhidhe a bheadh néallmhar, so-thógtha. An bhfuil aon spioch ionat go leigfir do bheith ag tabhairt tarcuisne dhearg duit, ná tógfadh fén gcorrán é?: anam ná fearamhlacht. Ní mór griogadh is gádh dhuit do dhéanamh air, tá sé ar nós na beiche, tá an spioch ann: droich-mhianach, claonadh lé feirg. Cuirfir spioch uirthi má bhír ghá ciapadh, tá an spioch innte: so-thógthacht. Spioch mhná atá innte, b'fhearr gan í do tharrac ort: bean lasánta. Fan ón gcapall san, tá spioch ann: thiocfadh néall oban air go snapfadh nó go speachfadh duine. Is é an spioch é, dhéanfadh idir naomhaibh: duine a bhíodhgfadh cách chun achrainn: gríosuightheóir.

spíochán: *f.1.* ceóchán. Fuacht agam ar an spíochán atá orm: múchadh, tarrac suas.

spiochaid: *b.2.* sméaróid, smól. An dtiocfaidh an teine as, níl innte ach spiochaid nó dhó: dhó nó trí smearóididhe dearga. Fuar agat bheith ag brath ar an spiochaid sin chun teasa: teine bheag.

spiogóid: *b.2.* buag, stodán, pluga, lorga chaol. Na spiogóididhe cos atá fúithe is iad ná fuil córach ná láidir: caoladáin chos. Spiogóid na meidire chun na gaoithe do leigeant aiste: pionna beag adhmaid. Dá mbeadh spiogóid ina bhéal: é curtha ina éisteacht.

spíoladh: *f.* (*-ltha*) sciobadh, snapadh, stathadh. Rinne an abha spíoladh ar an dtalamh annso, bhain sí an bun ón ghort anois tá sí ina teórainn idir me is duine eile: d'ith sí isteach im sheilbh. An fharraige do shíor ag spíoladh na faille buige: ag dul isteach fúithi.

spíonach: *f.1.* barra dealbh, an barra céadna san aithbhliadhain. Gan an talamh bheith seanda, láidir a dhóthain chun an spíonaigh do thabhairt: an dara barra ina rith. Dhein an spalla tiormaigh spíonach des gach aon bharra: fás bocht, dealbh, neamh-thorthamhail.

spíonadh: *f.* (*-nta*) deascadh, slámadh, scughadh, crothadh, mionscrúdughadh, piardáil, scaipeadh, fán, creachadh. A chúram bheith ag spíonadh phrátaidhe don gcócaire: scughadh: ag baint an chroicinn díobh. Chuaidh an madra ceangailte sa ghé, is seo ghá spíonadh é gur chuir sé clúmh ar fuaid an bhóthair: ag stracadh a cuid cleitidhe. Féar ag leanamhaint a chéile ina scraith ní mór do mórán spíontha chun a thiormuighthe i gceart: crothadh is beart as a chéile. Cad a bhí ar bun aige go raibh an spíonadh go léir ameasc mo chuid leabhar air?: cuardach is piardáil. Maoidhidh go bhfuilid ag spíonadh sluaighte na namhad: ag creachadh is ag cur na ruaige ortha. Ní bheinn ag spíonadh m'incheann leat: ghom bhuaidhreamh féin. Ní fhágann na garsúin scoile nead éin sa ghleann gan spíonadh: gan coilleadh.

spíonadóir: *f.3.* cuarduightheóir, creachadóir. Spíonadóiridhe dubhchrónach a thugadh an taobh síos suas d'aon tigh go dtugaidís a n-aghaidh air: piardálaidhthe díoghbhálacha. Ar ghabháil dos na spíonadóiridhibh tríd an ndúthaigh níor fhágadar faic ag fás os chionn talmhan gan árdach leó do mhilleadh: creachadóiridhe, scriosadóiridhe. Ní fhágfadh an spíonadóir madra san faic fé iadhadh an tighe gan árdach leis: piardálaidhe ná beadh faic in aon áit nganfhios do.

spíonaim: *b.a.* scrúduighim, piardálaim, cuarduighim, deascaim, croithim, scughaim, scaipim, cuirim an fán ar; creachaim, coillim. Na toicht chlúimh a bhí ceannuighthe ag an dtuinncéir tháinig agus spíon iad: bhog is bhain as a chéile na cleitidhe. Spíon sé na leabhartha go mion is go cruinn d'iarraidh dearmhad d'fhagháil ionta ach ní bhfuair faic bun os cionn as a chuid duaidh: scrúduigh go géar. Spíon sé a neart ar fad leis an ndroichbheatha a chaith sé: chaith: lait. Spíonadar iad féin lé hólachán is lé ragairne: mhill a sláinte is a saoghal. Níor leath-spíonadh an olann so, tá rian uirthi, tá sí lán de cháithnidheachaibh gur deacair í do shníomh: níor priocadh is slámadh. Spíonamair an féar, níor fhágamair feóchadán ná buachallán buidhe ann: dheascamair is bhogamair as a chéile. Spíon an t-ubhall sara n-ithir é: bain an croiceann. Níl cathair dár chlaoidheadar ná gur spíonadar, níor fhágadar luid ag éinne: chreachadar agus choilleadar. Spíonadh mór-chuid dár ndaoine lé linn na gorta, fuaireadar bás agus cuireadh an fán ortha: scriosadh iad: luigheaduigheadh a líon.

spíonán: (**spiúnán**) *f.1.* ros deilgneach agus a thoradh inithte. Bhainfeadh dealg spíonáin fuil as: lé duine a bhíos reamhar beathuighthe, fuileamhail. Dhéanfadh dealg spíonáin leis braon: is beag an rud a ghníos díoghbháil go minic: ní lugha frigh ná máthar an uilc. Aghaidh spíonáin: cruinn, mion-chlúmhach.

spíonlach: *f.1.* deilgne, sceacha, tuigidhe, roileach, spaid. Páirc thalmhan chnuic gan innte ach spíonlach, nách mór an mhaith d'ainmhidhe í: gairbhthean sceach, aitinn, etc. D'imthigh an t-arbhar ina spíonlach, leigh an gráine ann: ina bhrus: gan tairbhe. Cá hiongadh me bheith im spíonlach, táim riamh lé ragairne: duine tugtha.

spíonladh: *f.1.* stathadh, slámadh, crothadh, ciapadh, céasadh. Is mé go bhfuil m'aigne dhá spíonladh ag an saoghal, gan suaimhneas lae ná oidhche agam uaidh: dhá shuathadh is dhá chiapadh. Fuair an coinín bocht spíonladh istigh sa chnaigéar ón bhfiréad: suathadh is ciapadh. Gheóbhaidh féar sraithe spíonladh ó fheirmeóiridhibh le teas an lae indiu: crothadh agus leathadh. Na bráigheanna bochta dhá chur ag obair i gcuibhreach slabhraidhe is iad do gheibheadh an spíonladh: an céasadh.

spionnadh: *f.1.* neart, cómhacht, brigh, fuinneamh, gaisce. Ól an deoch mhaith san, táir préachta, cuirfidh sí spionnadh ionat: brigh: téidheamhóchaidh thu is músclóchaidh do spirididhe. An saoghal mór ní chuirfeadh spionnadh chun oibre ann: ní mhúsclóchadh é chun aonnidh do dhéanamh. Aon fhocal níl indiu as, nách marbh, balbh atá sé, an gcuirfeadh faic in ao'chor spionnadh ann?: corruighe: é do mhúscailt chun ruda do dhéanamh. Ní fheaca riamh ag déanamh aon ruda le spionnadh é, budh dhóigh leat go bhfaigheadh sé bás air: anamamhlacht. Gal beag gaoithe ag éirghe is spionnadh ag teacht sa lá: corruighe: anamamhlacht ghaoithe. Ní hí an bhean chéadna in ao'chor í, d'imthigh an spionnadh: an bheódhacht 'san bhríoghmhaireacht d'athruigh ar mhairbheacht is neamh-anamamhlacht. Taidhbhsigheann sé spíonta dhuit, b'fhéidir, ach creid mise leis go bhfuil spionnadh ann fós: fuinneamh i nganfhios. Cuireann sé spionnadh ar mo chroidhe ceól breágh do chlos: spreagann sé mé. Tá an spionnadh imthighthe as a ceannaghthaibh: an bheódhamhlacht snóidh: dath marbh tagthaithe uirthi.

spionnadach: *a.* (**spionnamhail**) bríoghmhar, mear, fuinneamhail. Níor spionnadaighe aon fhear ar shluasaid 'ná é: níor bh'fhuinneamhla. Tá obair ina ghéagaibh spionnadamhla súd agus tabharfaidh uaidh fós é: bríoghmhar, acfuinneach. Dá mhéid é a aois, agus tá aos mór aige, tá sé go spionnadach fós, ag déanamh an uile nidh chómh maith agus bhí riamh: bríoghmhar, gníomhach. Rámhaidheacht spionnadach: bhríoghmhar, fhuinneamhail.

spionnamhail: *a.* éachtach, teann, bríoghmhar. An dá arm spionnamhla ag tuargaint a chéile ag déanamh screasa is áir: léidmheach: éachtach. Ní chlaoidhfeadh obair ná duadh an neart spionnamhail atá ann: neart thar barr. Ní raibh daingean ná beárna ná gur chosnadar go spionnamhail ar a namhaid, ghá dtreascairt is ghá ndísc: go teann, bríoghmhar, meisneamhail. Stiallacha spionnamhla: áidhbhéil i neart.

spionnamhlacht: *b.3.* bríoghmhaireacht, fuinneamhlacht, cómhacht. Fir go raibh spionnamhlacht ina ngéagaibh, go raibh duine chómh maith lé haon bheirt: fulang is bríoghmhaireacht. Téigheann díom a dhéanamh amach cad tá ag teacht leis, níl aon spionnamhlacht ag teacht ann: bríoghmhaireacht: ní fhoillsigheann sé aon anamamhlacht. Dícheall an domhain ní chloidhfeadh é leis an spionnamhlacht atá ann: an smior: an chómhacht.

spionóg: *b.2.* úirlis déanta d'iarann, d'airgead, d'adhmad etc., go gcois fhada, chaol, cuach bheag thanaidhe ina barr chun measctha nó tógtha lachta, chun cócaireacht is bídh do chur 'on bhéal; ladar, liach. Ní iomcharóchadh sé an spionóg: an-lag: an oiread bainne, etc., a raghadh uirthi: d'úirliceóchadh sé é. "Ní mór é do chur lé spionóig ort, is dócha", lé duine go mbíonn "beir uaim é" aige, is gan uaidh acht é: duine go dteastuigheann tafant

uaidh. Lán spionóige dhe níor bhlaiseas: fíor-bheagán. Maide rámha is spionóg air: an bhas cuar. Bád maith farraige atá innte, níor thóg sí spionóg uisce sa taoide láidir, gharbh: braon, diúir. Millfidh sé adharc nó déanfaidh sé spionóg: is de raghaidh nó éireóchaidh leis.

spíonta: *a.r.* tugtha, cíortha, claoidhte, cnaoidhte. Olann spíonta: cíortha: slámtha. Caithfead stríocadh, níl a thuilleadh ionam, táim spíonta: tugtha, caithte: mo neart ar fad dulta i ndísc. Níl aon tabhairt sa talamh san anois, tá sé spíonta: an bhrigh is aon íle imthighthe as ó bheith ghá shíor-chur. B'éigean dóibh síneadh siar ar thóin an bháid, an fhaid sin iad d'iarraidh calaidh do shroichstint. Bhíodar spíonta ar fad: traochta, tnáidhte gan brigh corruighthe.

spior: *san gcanamhain* spior spear. Dhein an ghiúistís spior spear den gcúis: chuir sé deireadh léi gan sásamh do thabhairt d'aon taobh. Chuir an madra spior spear ar na caoiribh: an scaipeadh: ruaig sé soir siar iad. Raghaidh spior spear ar an bhfearthainn seo i gcionn tamaill: leighfidh: imtheóchaidh as an spéir is gealfaidh sí. Beirt againn ag argóint ar dalladh agus ar barrghail bruighne nuair tháinig duine eadrainn a dhein spior spear den áiteamh gur chroitheamair lámh: spréidh sé é: lé cómhairle is cosaint chiúnuigh sé sinn. Ná téighidh chun seanbhróg ar an scéal, déinidh spior spear de: éirighidh as is dearmhadaidh é.

spiora: *f.4.* spiara, bior, poinnte géar carraige. Chuaidh spiora cloiche suas trí bhonn a choise: barra fada, géar. Raidhilse adhmaid go raibh spiora amach air: ceann a bhí ag caolughadh amach go barra. Chuaidh sé ró-fhada amach ar an spiora is ní fhéadfadh filleadh: poinnte carraige. Nách neamhchúmtha na sála atá ort, tá spioraidhe ortha: iad ag éirghe amach mar bheadh gob siar ortha.

spiorach: *a.* sprochaideach, géar. Carraig spiorach, luigheas isteach fúithi ón sín: go raibh scéimh amach uirthi is cabha isteach fúithi. Is an-dheacair bróga d'fhagháil oireamhnach dom, mar tá sála spioracha orm: sála atá ag éirghe amach thiar. B'éigean dom bheith aireach, mall, ag tiomáint ges na clochaibh spioracha ar an mbóthar: iad ag éirghe aníos, is barraidheacha géara ortha.

spioraid: *b.2.* anál na beatha mar saoiltear a chuireas luadhaill san gcorp; an chuid nó an dúil do-mharbhthach, neamh-nitheamhail den nduine a mhothuigheas, mhachtnuigheas, a thoilleas; aisce ó Dhia; saoiltear; beatha, toil agus sians machtnaimh ar marthain gan aon bhaint lé corp; taidhbhse; mianach, gnaoi; brigh, fuinneamh intinne is tréithe; beódhamhlacht, anamamhlacht; bród is meisneach; táir do rud suarach. Fillfidh an spioraid ar Dhia a thug dúinn í: anál na beatha. A Dhia, a Spioraid Naoimh, déin trócaire orainn: an tríomhadh pearsa den dTríonóid ró-naomhtha. "Agus do ghabhadar de chlochaibh ar Stiofán, a's é ag guidhe agus ag rádh, a Thighearna Íosa, gabh mo spioraid chughad" (Gníomhartha VII. 59): an dúil seo ionam atá deighilte ón gcorp: an t-anam. "Déanaidh faire agus úrnaighe do chum nách dtuitfeadh sibh a gcathughadh. Atá an spioraid go deimhin ullamh achd atá an colann anbhfann" (Matha XXVI. 41): an dúil san duine a thoilteanuigheas, a mhothuigheas agus a bhraitheas. "Agus tug Íosa cead dóibh ar an mball, agus ar ndul amach do na spioradaibh neamhghlana sin do chuadar ins na

mucaibh; agus do thuit an tréad a ndiaidh a gcinn ris an aill san bhfarraige, etc." (Marc V. 13): na diabhail. Teilg síos go hifreann gach an-spioraid atá ar tí leasa m'anama: iad so go bhfuil droch-fhuadar fútha chun aimhleasa m'anama. "Agus ar an uair sin féin do shlánuigh seisean mórán daoine ó easláintibh agus ó phláigibh agus ó dhroich-spioradaibh; agus thug sé a radharc do mhórán dall" (Lúcás VII. 21): cómhachta olca. "Achd ar mbeith dhóibhsian ar crith agus lán d'eagla do shaoileadar gur spioraid do chonnacadar" (Lúcás XXIV. 37): taidhbhse. "Cia ge bhfuil a fhios go dtéid spioraid an duine suas agus go dtéid spioraid an ainmhidhe síos chun na talmhan?" (Ecc. III. 21): an anál. "Annsan do ghabh spioraid tharam ar m'aghaidh; do sheas gruaig mo chuirp suas" (Iob IV. 15): taidhbhse, samhladha b'fhéidir d'fheicsint acht nár bh'fhéidir do bhrath. An dlighe chríostamhail a thoirmeascar dioghaltas – is maith an spioraid í: an mianach aigne. Ní thógfainn ar dhuine rud deisbhéalach do rádh liom má thaidhbhseóchadh sé gonta féin – dar liom, is maith an spioraid í: neart tuigseana. "Óir go deimhin do bhreathnuigh misi cheana mar neach nách bhfuil i láthair a bpearsuin achd atá a láthair a spioraid amhail mar do bheinn a láthair an tí do rinne mar so an gníomhsa" (1. Cor. V. 3): íomháigh: géire aithne. Is iongtach í spioraid na hóige, ní thógann sí aon cheann de chonntabhairt ná do dhuabhais: aigne láidir is meisneach. Cuireann na bréithre meisneamhla san spioraid ionam: anam: meanma. B'é an Peáirnéalach spioraid na nGaedheal lé n-a linn: caonaidhe go raibh tréithe áirighthe ann a bheir cion is gradam na ndaoine dho. Mo spioraid ag cailleamhaint orm an oiread san ná fuil aon mheidhréis orm: mo mheanma: gealadhram: fuairceas. Is ait an rud é ach foidhnigheann spioraid na ndúthaighe le cogaidhibh do chur ortha dá ndeóin. Chuireadar in iúil go raibh an spioraid cheart ionta nuair thugadar a mbeatha ar son a gcúise: árd-aigne. Cad tháinig air in ao'chor, níl ann ach spioraid: taidhbhse. Is beag aige scilling do chaitheamh i gcuideachtain, tá an-spioraid ann: ríog fhial. Cloisim gur b'é bhur spioraid eólais sa cheanntar: duine beó, bíodhga. Buaileadh an-bhreóidhte é, ach d'fhan an spioraid go láidir aige, ní raibh aon fhaitchíos air go gcaillfí é: an meisneach: an rún daingean. Níl aon spioraid bhídh aige: aon fhonn chun ithte. Tá spioraid éachtach i mbraon maith beathuisce dá mbeadh sibh ghá cháineadh go maidean: brigh shonnradhach ná bíonn i ndigh eile. Dá mbeadh an spioraid cheart ins na daoinibh ní leigfidís do gabháil lastuas díobh mar dhéinid: an mianach ceart, fearamhail. Níor fhág spioraid na himeartha riamh é: an meisneach dul i leith an áidh. Bíodh sé de spioraid ionainn troid ach go háirighthe má is dearbhtha go mbuaidhfid féin orainn: fearamhlacht: mianach fíor. "Agus adubhairt Pharaoh ré n-a mhuinntir an féidir dúinn duine ana bhfuil spioraid Dé mar é seo d'fhagháil?" (Gen. XLI. 38): go bhfuil a ngníomhartha maidir lé toil Dé. Fíor-spioraid seadh Dia: beatha, toil, motháilt aige gan corp agus fós tollann Sé an uile nidh. "Séideann an ghaoth mar is áil léi, do chluin tú a torann, achd níl a fhios agad céard as a dtigh sí nó cá háit dtéidh sí, is mar sin atá gach neach atá ar na gheineamhain ón Spioraid" (Eóin III. 8).

spioradálta: *a. n-dh.* neamh-chorpardha, ag baint leis an anam, ar n-a bhíodhgadh ag an Spioraid Naomh; ag baint leis an eaglais. Is é Dia atá buidheach de, beatha spioradálta do bheith dhá chaitheamh aige: beatha a bhaineas lé saothrughadh a anama. Dánta spioradálta do cheap Tadhg Gaedhealach .i. iad ag baint lé leas an anama: ag tagairt do Dhia, dá ghnóthaidhibh beannighthe. An sagart ag freastal ar nidhthibh spioradálta na bparróisteánach: na nidhthe a bhaineas lé leas a n-anama – teagasc, cómhairle, faoisdin etc. Chidheann an file nidhthe go spioradálta: in aoibhneas na haigne.

spioradamhail: *a.* meisneamhail, mianachamhail, bríoghmhar, meanmnach. Duine spioradamhail go maith a raghadh i ngaor an chorpáin, is a phreóidhteacht a bhí sé: go meisneach: ná beadh faitchíosach ná lag-pháiseach. Níor dhein riamh é ach fear spioradamhail dul i dteasardhain dhuine nár luigh a dhá shúil riamh roime sin air: go raibh fearamhlacht is meisneach aige. D'imris do chártaidhe go spioradamhail an turus so: anamamhail: neamhmharbh, neamhmhall. Buachaill spioradamhail atá ann, níor bh'fhada an mhoill air an croiceann do bhaint de scilling: meanamamhail: neamh-sprionnlaithe, preabamhail. Níl aon dream ach iascairidhe spioraideamhla a raghadh ar farraige oidhche fhiadhain mar í seo: meisneamhail, mianachamhail. Dheineamair siubhal maith, spioradamhail: bríoghmhar: lán de speach. Ní raibh éinne den gclainn idir bhuachaill agus cailín ná go raibh spioradamhail, throideadar go léir ar son a ndúthaighe: ná go raibh an mianach duthamhail ionta. Léigheann sí go spioradamhail: go hanamamhail: ag cur a cuid cainnte go léir, solasmhar. Budh spioradamhla go mór é 'ná neach eile dhíobh: d'fhreagróchadh broid ar thap an tairnge: preabamhail, meisneamhail: gan cuimhneamh ar an gconntabhairt ná aon díth a leanfadh í. Nách neamh-spioradamhail a ólann sé a dheoch, budh dhóigh leat ná críochnóchadh sé choidhche í: mall: míothapaidh. Is spioradamhla go mór do bhrathaim tar éis an smeatháin beathuisce sin ná roimis: anamamhla. Duine spioradamhail, a fhir mhaith, ná déin aon nath den méid a íosfadh sé: go mbeadh meisneach ithte aige.

spioraideamhlacht: *b.3.* meisneamhlacht, anamamhlacht, bríoghmhaireacht, meanmnacht. Sé bhí 'e bharr a spioraideamhlachta aige dul i bhfeighil duine do shaoradh ó bháthadh gur báthadh é féin: meisneamhlacht: an neamh-eaglacht dul i gconntabhairt. Is éachtach an spioraideamhlacht bheith ag ionnramháil corp leath-dhreóighte: neamhdhochmacht. An spioraideamhlacht so a bhíodhgas daoine ar fuaid an domhain uile chun troda ar son a dtíre ní misde a rádh ná gur ó Dhia í: an díoghrais, an mian ná gríostar lé saoghaltacht.

spiútar: *f.1.* rangcás óil, dighe, rinnce, etc. Na hiascairidhe an dream chun spiútair nuair bhíonn an t-airgead aca, is beag é a ngreim ar an scilling: téighid le hintinn ag ól. Léan ortha, na rudaidhe sprionnlaithe, bocht-chroidheach, lá a bpósta níor dheineadar aon spiútar, cuireadh ná coinnimh níor thugadar uatha: aon phreab chun aon tsaghas bainise do bheith aca. Cogar liom, ní haon spiútar ceart aon rud ná leanann braon dighe é: ní leanann scléip ná gealadhram é. Go maidean geal dheineadar spiútar i dtigh an óil: rangcás caláin.

splannc: *f.1.* bladhm nó léas obann sholais, ríog obann mothála, néall sholais, theine, chéille; an diabhal. Splanncacha uisce: saighneán, teintreach ná leanann aon tóirneach iad. Níl aon splannc theine agaibh leathfar sibh: néall: oiread agus lasfadh. Dá mbeadh aon splannc mheabhrach agat thabharfá aire dhod chúram féin agus ní sháidhfeá do cheann eatartha: luid: pioc: rian. Chromadh na garsúin ag feadghail fén aindeiseóir is ní fhágaidís splannc aige: chuiridís lé buile is lé haiteas é. Ní leóimhte dhuit focal do rádh leis, éirigheann sé ina splannc: lasann sé lé droichmhianach. Níl splannc aige ina diaidh, teach na ngealt a stad mara bpósaidh sí é: tá sé bán, geal ina diaidh: grádh trom aige dhi: é dall glan lé héileamh uirthi: níl splannc aige. Cuireadh gan aon splannc me: cuireadh an

oiread san mearbhaill orm ná feadar cad a bhí agam dhá dhéanamh. Cuir splannc ar do phíp agus bíodh gal agat: dearg é: cuir lasair uirthi. D'imthigh an spioraid ina splannc nuair thug sé iarracht ar í do sháthadh leis an sciain: ina caor obann teine. Bhí splanncacha ag dul san aer ó chruitibh an chapaill: teine chreasa: spréacha dearga. Aon deallramh ní bheadh agat lé caduaic do chur air, imthigheann sé ar nós an splainnc: lasann sé lé droichmhianach. Nuair imthigheann an splannc san di bíonn sí ar an mnaoi is féile agus is lághaiche bhuailfeadh leat: néall obann mianaigh: néall feirge. Chuir a bhfeaca d'airgead aige splanncacha ar mo radharc: réilthínidhe: ní fhéadfainn dearcadh go cruinn. Splannc ón ndiabhal seadh an duine úd, sháidhfeadh sé ar fíge fíodha thu: lasair: duine go bhfuil an an-spioraid ann. Aon splannc sholais ní raibh aca, connus a dheinidis a gcúram ag dornfhásc?: aon léas.

splanncaim: *b. n-a.* cuirim uaim léasacha solais, spréacha, teine chreasa. Splanncann na clocha scáil fé thaithneamh na gréine: taidhbhsighid go geal glioscarnach. Splannc an dá shúil istigh 'na cheann ag an sladaidhe nuair rugadh sa bhfoghail air: tháinig glinneamhaint obann ionta. Na seóda a bhí ar a brollach splanncadar fén solas aibhléise: chromadar ar ghlioscarnaigh. Splannc sé chugham is b'ait liom é mar, dar liom, ní raibh aon chúis aige orm: tháinig fearg obann air.

splanncamhail: *a.* lasánta, néallach, glioscarnach, spréachach. Nuair casadh leis ná raibh a chion dhá dhéanamh aige ghlaoidh sé ar dhigh don dtigh go splanncamhail: go hobann, néallach. Níor mhaith d'éinne bheith ag déanamh seóidh leis, tá sé ró-splanncamhail, ní bheadh a fhios agat cathain lasfadh sé chughat: ró-lasánta. As mhaoil an bháidhe phreab sé ina shuidhe, is níor stad den stáir sin gur shroich sé an baile. Nách splanncamhail an saghas duine é: néallach: taodach.

splanncuighthe: *a.r.* tógtha, suaidhte, clipighthe. Ná habarthá focal leis ní haon iontaoibh é, tá sé splanncuighthe toisc an bhuaidhrimh atá air: clipighthe, ciapuighthe. Go haonnidh ag dul ina choinnibh ó mhaidean, is gan aon truagh ag éinne dho, an iongadh é do bheith splanncuighthe?: tógtha chun feirge: suaidhte. Duine splanncuighthe seachain thu féin air: duine atá tógtha is nách féidir leis ciúnughadh.

spleádhach: *a.* plámásach, bheith ag brath ar, beannamhail. Cainnt bhreágh spleádhach atá agat nuair atá rud éigin uait: bog, plámásach, muinnteardha. Seal dá shaoghal ní fhéadfadh sé an bhróg do chur ar a chois, anois tá sé neamh-spleádhach: tá cumas aige ar a dhóthain do bheith aige gan bheith fé chomaoin ag éinne ná ag brath air. "Ná bac bheith ró-neamh-spleádhach": is minic réim is éirghe anáirde fé dhuine gan géilleadh don bhfear thall agus lá breágh éigin gan a luighead coinne leis baintear béic as a shuadhann ó thalamh é. Ní gábhadh dhóibh bheith chómh neamh-spleádhach san ná go nglacfaidís cabhair: séantach ar chóngamh ón nduine thall: bheith neamh-thoilteanach ar chabhair, chómhairle etc. iasachta. Feirmeóiridhe neamh-spleádhacha gach éinne aca san: atá os chionn a gcumais. "Tá mo dhóthain mór agam, nílim fé chomaoin ag neach, níl beann agam ar an saoghal", ars an fear maoidhteach – "is neamh-spleádhach é", ars an fear thall: cá bhfios ná go bhfuiltear ró-bhladhgarach. Is breágh dho é, tá sé neamh-spleádhach ar an saoghal: an oiread maoine aige is nách gábhadh dho bheith ag brath ar chách. Duine uasal neamh-spleádhach: go bhfuil an oiread cumais aige is nách call do aon obair do

dhéanamh. Bhí eagla ar gach éinne go dteipfeadh air, ach dhein sé go neamh-spleádhach: go furaiste; dhéanfadh sé a thuilleadh. Beidh críochnuighthe aca fé thráthnóna go neamh-spleádhach: go bog, gan puinn duaidh. Thairng an capall an t-ualach, agus níor éadtrom é, go neamh-spleádhach: níor chuir an t-ualach chun a aon bhearta é. Siúd é atá ag teacht go neamh-spleádhach: fé réim. Cuireann gluaisteáin neamh-spleádhach ar thraeneachaibh sinn: ar aiste gur féidir linn déanamh gan iad. Daoine níos neamh-spleádhaighe 'ná lucht oibre ní fhéadaidh gluaisteáin do bheith aca: is cumasaighe: is mó go bhfuil strus an tsaoghail ortha. Bíonn bád maith neamh-spleádhach ar an bhfarraige mara mbíonn an aimsir an-dhona: gan aon bheann uirthi. Tá na torthaidhe neamh-spleádhach anois ar aon tsaghas síne: ar aiste nách féidir aon díoghbháil do dhéanamh dóibh. Ní fhéadfaimís go léir do bheith chómh neamh-spleádhach san is go dtabharfaimís ár gcúl leis na daoinibh, chómh neamh-bheannamhail ar an saoghal: gach aon rud ar ár dtoil is ár gcur againn.

spleádhachas: *f.1.* beannamhlacht, maoidheamh, tortaoibh, cleitheamhnas. Nílir i spleádhachas éinne agus is maith an bhail sin ort, mar is tapaidh do casfaí leat é dréir dheallraimh: fé chomaoin: ag brath ortha chun aonnidh do dhéanamh duit. Is me is beag spleádhachas air, bíodh sé ag bagairt leis: gan aon bheann air: san tslighe ná féadfadh tada do dhéanamh is é bheith ar a dhícheall chugham. Bíodh béal ciúin againn faid is táimíd ina spleádhachas: ar an aiste nách féidir linn déanamh mar budh mhaith linn aige. Nílid i spleádhachas aon tsiopadóra: nílid i bhfiachaibh aca ná nílid ag brath ar aon chóngamh uatha. Bímís ag ól gan spleádhachas: gan suim ná mairg. Déanfad gan spleádhachas dot fhiaclaibh é: dot aindeóin: gan a fhiafraighe dhíot agus i gcoinnibh do thoirmisc. Ná glac faic uatha, ná cuir tú féin ina spleádhachas: ar aiste go mbeifeá fé chomaoin aca: go mbeadh aon ghuth aca ort. Nuair chidhtear duine, a cheann anáirde aige agus lán an domhain fé, deirtear 'is mór an neamh-spleádhachas é': an fuadar árd gan beann ar aon rud ná aon duine. Caitheadh duine uaidh rud a ghlacfadh duine eile go pras nó diúltuigheadh sé dho, agus deirtear an rud céadna. Is lán-mhór an truagh an té a bhíos i spleádhachas dhaoine eile: ina lúib: go mbíonn ortha rudaidhe do dhéanamh ná taithnigheann leó. Bainfear cuid mhaith de Sheán Bhuidhe gan spleádhachas: dá aindeóin chroidhearg.

spleádhaighe: *b.4.* beannamhlacht. A spleádhaighe a ghníos do bheith ina cheirt ar gach aon tor: an aiste sin ná féadfadh diúltadh ná eiteach do thabhairt. Ní leigfeadh an neamh-spleádhaighe dho aon rud do ghlacadh dá mhéid a bhíonn sé ag teastáil uaidh: an spirid nách mian léi bheith fé chomaoin ag neach ar bith. Ó rug an lá ar na daoinibh beagán neamh-spleádhaighe bheith ar a gcumas: ná fuilid i lúib istigh éinne: nách gábhadh dhóibh bheith ag brath ar neach. D'aithnigheas ar a neamh-spleádhaighe a dhein sé é go raibh a thuilleadh agus a thuilleadh ann: a fhusacht gan a neart ar fad do chur i bhfeidhm.

spléic: *b.2.* áit scéirdeamhail, clár-thalamh. An ghaoth anoir 'saniar ag gabháil de, tógtha annsúd ar spléic: cnocán árd. Móin go leór anáirde ar spléic an chnuic ach a deacracht a tiormughadh.

spleódar: *f.1.* gealadhram, meidhréis, áthas, suairceas. Cuireann sé spleódar istigh ar a chroidhe gan ach bheith ag cainnt ar fheóil fiú amháin, tá an oiread san dúlach aige innte: aoibhneas. Creid uaim-se ná fuil aon spleódar ortha taréis an lae: má bhuaidheadar féin,

ná raibh puinn lé maoidheamh aca: ná fuil puinn lé maoidheamh aca. An rud tuaisceartach, ní deacair an spleódar do bhaint de: suairceas. Beidh spleódar croidhe ortha an lá bhraithfidh siad iad féin neamh-spleádhach ort: gealadhram.

spleódrach: *a.* meidhréiseach, áthasach, suairc. An chéad lá ag iascach aige agus tá sé go spleódrach toisc a fheabhas d'éirigh leis: áthasach. Ní misde liom a rádh ná go bhfuil saoghal níos spleódraighe agam 'ná bhí riamh roime seo, sláinte mhaith agam is gan aon cheal orm: táim go suairc, neamh-mhairgeamhail. D'imthigh cuid mhór den dtinneas is de dhuadh na breoidhteachta dhe, is spleódraighe go mór indiu é, tá breis cainnte aige: suairce.

splinnc: *b.2.* sprochaid (charraige), spiara, spíce. Éirigheann Bod i Seasamh ina splinnc aníos ón gcladach go hárd: ina charraig go bhfuil barra caol uirthi. Níl caora ná coinín lé fagháil ameasc na splinnceacha úd ach éanlaithe mara: carraigeacha árda, géara: spícidhe, spiaraidhe géara seanga, méiscreacha. An gabhar ina sheasamh ar an splinnc go neamh-spleádhach gan aige ach ionad a chos: ar bharr caol slím árd-charraige.

splinnc: *b.2.* néall solais, céille. Is fearr gan aon cheann do thógaint de, tá seisean gan splinnc, níor dhóichighde dhuit ina phraisigh é 'ná é do chur catha ort: aon rian meabhrach: gan foidhne, gan fuaimeant. Ní fágtar aon splinnc aige nuair bítear ag maoidheamh a choda air: cuireann sé an oiread mío-ghnaoi air ná fanann a luighead meabhrach aige. In ainm Dé ná bodhartar me leis an aiteas so, nó ní fhanfaidh aon splinnc agam: imtheóchad bán geal gléigeal gan néall chéille!

splinncín: *f.4.* deargán dubh. Ní bhíonn sé ró-thoirteamhail.

spliúchán: *f.1.* eadromán, clog, ball dóighte. Fógradh ar Fhionn gan spliúchán do leigeant ar an mbradán a bhí dhá róstadh aige: clog do teacht air: ball dóighte. Ní cuirc in ao'chor a bhíonn ar na líontaibh aca ach spliúcháin: malaidhe lán de ghaoith mar éadtromáin.

spliug: *b.3.* dlúimh bheag chruinn mar deóir drúchta. Thuit spliug dubhaigh óm pheann ar an bpáipéar. Spliuganna fola ag tuiteam ó n-a shróin: braonacha cruinne.

spóca: *f.4.* righe, gathán, liathán; aon cheann díobh so sáidhte i mol rotha ghá chuibhreach leis an bhfora amuigh. Ní bhfaigheadh sé a shláinte gan a splóca do chur isteach i gcainnt ná baineann leis: gan carbhall éigin do chur as. Nuair bhír ag cainnt leis airís, cuir spóca isteach dom: labhair ar mo shon.

spochadh: *f.* (*-ctha*) teascadh, gearradh, coilleadh, scriosadh, gríosadh, clipeadh. Is maith a theastóchadh an cladhaire do spochadh, féach cad dhein sé, an cailín sin do chur ó chrích is do thréigean: do choilleadh. Leigeadh gach éinne dho, tá sé dhá spochadh ag an saoghal is ag an aimsir: dhá lagughadh is dhá chlaoidheachtaint. Í ag spochadh an ghabáiste sara gcuirtí á bheirbhiughadh é: ghá bhaint den gcois. Ag spochadh an fháil chun clódh taithneamhach do thabhairt air: ghá theascadh is ghá chur in ionannas. Seán Buidhe ag spochadh gach dúthaighe go bhfuil ná go raibh aon lámh aige innte: ghá gcoilleadh ar a gcuid saidhbhris. Deineadh an iomad spochta air cá hiongadh go dtáinig

fionnach air: an ionad crádha is clipe. B'fhada mar phaiste air dul chun achrainn ná áitimh lé héinne gan chúis gan spochadh luchta éigin a bhí ar mhío-mhaithe leis: gríosadh, spriogadh. Tá spochadh an diabhail fút má chuirir aon chruisteach air, mar is tú bheidh thíos leis go dóighte: spriogadh: séideadh. Is iomdha rud san a bhíos chun mo spochta i ngan fhios d'éinne, tinneas, fiacha, bochtanacht: chun mo chráidhte. Siad na heascúin na diabhail féin chun spiléir do spochadh: na baoitidhe nó an t-iasc a bheadh ortha d'árdach chun siubhail. Dá ndéintí na prátaidhe do spochadh ní bheadh an oiread gas ortha, agus bheidís i bhfad níos fearr: an slamás do ghearradh dhíobh.

spochadóir: *f.3.* coillteóir, fear fola do leigeant, teascthóir, gríostuightheóir, cathuightheóir. Spochadóir banbh: coillteoir. Sa tsean-shaoghal bhíodh bearrbóiridhe ina spochadóiridhibh ina theannta san: leigidís fuil. Gheóbhfá spochadóir ar díol a bhearrfadh an fál duit: úirlis a gheárrfadh na slapair fhada.

spochadóireacht: *b.3.* coilleadh, gearradh, teascadh, scriosadh, leigeant fola. Na gabhair ag spochadóireacht ar na sceachaibh: ag broscadh an duilleabhair is an chroicinn díobh. An duine bocht níl aon splinnc chéille aige is an tslighe atáthar ag spochadóireacht ar a chuid airgid ós chomhair a dhá shúl amach: ghá chaitheamh air nó ghá dhísciughadh ar chuma éigin chun maitheasa chách. Maide rámha ró-chaol, ró-lag seadh anois é, tá an iomad spochadóireachta déanta air: snoighe. B'fhearrde caoire an pharróiste é dá mbeadh spochadóireacht déanta ar an sean-reatha san: na clocha bainte as. Dá mbeadh spochadóireacht déanta ar an órdóig ghoirtighthe sin dhéanfadh sé bail di: an fhuil brúighte díscighthe aiste. Tá spochadóireacht déanta ges na hainmhidhthibh ar na teórnapaidhibh tar éis na hoidhche: manntaidhe bainte aca asta agus as an nduilleabhar.

spochaim: *b.a.* $_{7}$ *n-a.* coillim, teascaim, gearraim, scothaim, scriosaim, creachaim, gríosaim, spreagaim. Dá mbeadh clann aige, is fadó spochadh é: coilleadh é. Spoch an gabáiste is cuir cuid de ag beirbhiughadh: bain de na billeóga íochtaracha. Spochadh an fál is anois tá sé go léir ag fás in ionannas: na slapair budh shia ná an chuid eile gearradh iad ar chóimhrian. Spoch sé sceacha an chlaidhe leis an speil: bhain sé an barra dhíobh. Spochadar mo chuid airgid orm nuair fuaireadar bog me: chaitheadar é mar bhí sé d'amadántaidheacht orm. Spochfad na cluasa dhe!: teascfad: gearrfad de iad.

spochaire: *f.4.* gríosuightheóir, spreagthóir; coillteóir. Chuirfeadh sé beirt aingeal ceangailte as a chéile, an spochaire: gríosuightheóir: duine a bhíos ag séideadh chúcha chun achrainn is clampair. Is tusa an spochaire is ní mise, dá bhfanfá socair ní bheadh aon bhuaidhreamh eadrainn: an té atá ag spriogadh is ag gríosadh. An diabhal féin níl maith a dhóthain duit mar spochaire: spreaguightheóir: duine a bhíos ag griogadh chách chun achrainn. Níl aon díoghbháil sa nduine, níl ann ach spochaire seóidh: duine a bhíos ag áilteóireacht d'iarraidh a thuilleadh do chiapadh ar son grinn. Níl ionta ach spochairidhe ní dhéanfaid aon bhascadh dá chéile: lucht súgraidh.

spochaireacht: *b.3.* gríosadh, spreagadh, súgradh, griogadh. B'fhada a bhí an dá thír ag spochaireacht ar a chéile sara fógradh cath eatartha: ag spriogadh fé chéile: iad ag gríosadh a chéile: ag casadh beart neamh-dhleaghthach agus rudaidhe mar sin lé chéile. Ní ró-mhaith an dóighthín mise agat chun bheith ag spochaireacht orm: ag cur isteach

orm: ghom ghriogadh. Beir ag spochaireacht air anois go mbuailfidh sé thu: d'iarraidh é do chlipeadh. Níl puinn dá chuid airgid fágtha anois aige, tá spochaireacht déanta ar a fhurmhór aige: coilleadh: caitheamh. Dá ndeintí spochaireacht ar an ngabáiste ní bheadh sé níos fearr: dá mbaintí cuid des na billeógaibh de. Ná déin aon spochaireacht ar an madra nó béarfaidh sé ort: clipeadh, ná bí ag giobadh air. Pé spochaireacht a deineadh air tháinig splannc air gur thairng sé scian: ciapadh nó gríosadh.

spochta: *a.r.* coillte, gearrtha, scriosta, creachta, lomuighthe. Fir spochta bhíodh ag gach Sultan tímcheall a bhantrachta: coillte. Spaga spochta a bhí agam tar éis na hoidhche ag imirt leis na díolamhnaigh: coillte: dealbhuighthe. Nuair fuair an t-éan a nead spochta d'fhuathuigh sé an áit is chuaidh i gceanntar eile: creachta, coillte. Garrdha breágh tuigidhe is é anois spochta ag an ngála: an duilleabhar scúighte dhíobh. An dá arm spochta go maith ge n-a chéile: ár mór déanta.

spóirtín: *f.4.* fear spóirt, naoidhe grinn is magaidh. Bhí an iomad airgid aige is gan aon eólas aige ar connus aire do thabhairt do, é ina spóirtín ameasc na ndaoine: ina cheap magaidh is seóidh. Spóirtín an leas-ainm a bhí air: fear lé ragairne, ag caitheamh airgid go háit (spóirt).

spól: (**spúl**) *f.1.* cuairsceán go gcastar snáithín air, fiteán. Fear na spól: figheadóir. "Is luaithe mo shaoghal 'ná spól figheadóra, agus táid caithte gan dóchas" (Iób VII. 6): imthighid ar séirse. Tá mórán snáith ar a spól: níl deireadh caithte fós aige. Ag caitheamh na spól: ag fighe go cliste.

spóla: *f.4.* blúire feóla, slinneán caoir-fheólach. Rugadh ar an mbitheamhnach is an spóla thíos (ar an dteine) aige: cuid mhór den bhfeóil a bhí goidithe aige. Níl a mhalairt de dheallramh uirthi ná go ndéanfaidh sí droch-chos, tá sí in aon spóla amháin: ataithe, dearg, tinn. Tá beirbhiughadh an spóla ar an lá: an fhaid do thógfadh sé é do bhruith. "Agus do roinn sé a measc an phobail uile, a measc cóimhlín iomláin Israel, do na mnáibh fós agus do na fearaibh, do gach uile dhuine bairghin aráin, agus spóla feóla agus flaigín fiona etc." (2. Sam. VI. 19): blúire maith. Beidh spóla aice an dá lá dhéag agus mhairfidh sí mar a bhfuil sí ag dul: feóil lé n-itheadh.

spóladh: *f.* (*-lta*) gearradh, teascadh ablaigh ainmhidhe, masladh. Saighdiúiridhe bochta dhá spóladh sa chogadh so mar bheadh beithidheach ag brothaire: dhá ghearradh. Budh bheag aige duine do spóladh dá bhfaigheadh sé an chao air: a chlú is a cháil do cháineadh.

spolaim: *b.a.* gearraim, teascaim, cáinim, masluighim. An t-ablach ná spóltar ina cheart laitear é: ná geárrtar ina chodaibh go slachtmhar. Laistiar dem dhrom, tá a fhios agam go spólann sé me: go dtugann sé cáin caille orm. Spólfaidh an ghrian thu mara gcuirir scáth éigin ort: greadfaidh sí thu. Spól an aimsir thirim, the úd na barraidhe i bhfaobhar na cré: ghread iad: d'fheóghaidh.

spólta: *a.r.* gearrtha ina chodaibh, teasctha, beirbhthe ag an dteas. Táir spólta ag an ngréin ó bheith ghod ghoradh féin léi: greadtha go bhfuil an cneas briste ort. Aimsir

spólta í seo: tá gach aon rud "beirbhthe" aice: an sughlach súighte asta agus iad feóighte, seirgthe. D'ólfainn an tsruth, táim spólta: tiormuighthe.

sponnc: *f.1.* séithleach sreangánach, bog, súighteach, dí-spreachach; an rud so nuair bhíonn an fola beo scartha leis; aon rud éadtrom, tirim so-lasta; cluas liath. Tá an mhóin ina sponnc: tirim, éadtrom, so-lasta. Las sé ar nós an spúinnc: ghaibh sé teine ar an dtoirt. "Agus do rith fear díobh ar an mball agus ar nglacadh spúinnc agus ar na líonadh de bhinéigre agus ar na chur a dtímcheall slaite giolcaigh thug sé deoch dho ré n-ól" (Matha XXVII. 48): machdual. Tá an t-arán so ar nós an spúinnc: an-éadtrom, an-thur. Mara bhfuil tobac agat bíodh sponnc agat!: cuir an luibh cluas liath id phíp. Níl aon sponnc fanta ionat, nách neamh-anamamhail ataoi: aon anam ná meisneach.

sponncáil: *b.3.* tnúth, ag brath ar chách. Bíonn gach éinne ag sponncáil air nuair gheibhid an braon thiar aige: ag brath air chun dighe do thabhairt dóibh. Lucht sponncála: geócaigh: dream a bhíos ag síor-fhaire connus mar shroichfidís biadh is deoch ó chách.

sponncán: *f.1.* críonlach; lasántacht, spréach. Bhailigheas sponncán ameasc an aitinn is na craoibhe is d'fhaduigheas teine: críonlach: préacha is cipínidhe feóighte. Ná bí ag baint sponncáin fé, tá sé lasánta a dhóthain: ag cur críonlaigh chun teine: ghá ghríosadh. Maran mian libh clampar do tharrac oraibh leigidh don sponncán duine sin: duine a lasas gan ach teangmháil leis. Is beag a iarrann sé chun an sponncáin do bhaint ann: néall do chur air. Dá mbeadh an sponncán tugtha dho: spréach theine.

sponncánta: *a. n-dh.* tirim, éadtrom, so-lasta ar nós an chríonlaigh, ionlasta. Blúiridheacha adhmaid atá sponncánta ó bheith os chionn na teine le fios cathain: cruaidh, tirim gan luid taisreachta ionta. Táid chómh stálaithe sin cois na teine go bhfuilid chómh sponncánta le speathanaigh: chómh so-ghabhtha ar theine.

sponncántacht: *b.3.* tiormacht, críonlacht, so-lastacht. Dhéanfadh púdar idir do mhéireannaibh de lé sponncántacht: tiormacht, brisceacht thirim.

spor: *f.1.* úirlis greamuighthe ar sháil marcaigh, poinnte nó poinntidhe géara air chun capaill do phriocadh sa bhaothán, gatha cruibh éin, gríobh, ionga, rinn, gob (talmhan). Ní chuirfeadh an bád an spor choidhche dhi ag an ngála a bhí ina coinnibh: gob talmhan ag rith tamall ach sa bhfarraige. Bearraidh na spuir de bhuaiceas an lampa: cúinnidhe géara. Bain an spor den gcloich sara gcuirir 'on fhalla í nó ní bheidh sí slachtmhar: sprochaid ghéar. Do spuir féin is capall dhuine eile: ainmhidhe nó earra lé duine iasachta is gan aon truagh agat do. Ní géire spuir ná bacaighe: níor mheasa dhuit bheith ghod ghríosadh dod aindeóin chun ruda do dhéanamh ná bheith ar do dhícheall chuige is gan é id chumas. Spor ar an gcois is gan an chos ann, is gan d'anam sa chorp ach mar bheadh cubhar na habhann: duine gan acfuinn d'iarraidh gaisce mhór do dhéanamh. "Cad tá agaibh dhá dhéanamh annsan?" – "ag caitheamh spor": ag meilt na haimsire, is ag súgradh. An té ná cleachtann an mharcaidheacht deineann sé dearmhad ar na sporaibh: nuair théigheann duine as taithighe ruda do dhéanamh deineann sé dearmhad ar connus cur chuige i gceart. Tabhair na spuir do: bí ag cur díot chómh luath in Éirinn is d'fhéadfair. Coiligh na spuir ag troid: go gcuirtear iarnaidhe géara gonta ar a gcosaibh. Áit iargcúlta an spor talmhan

so: poinnte mar bheadh ag rith amach ’on bhfarraige. Spuir ar an seabhac gorm a ghearrfadh isteach go cnámh duine: gathaidhe nó ingne cromtha, cruadha, géara, láidre.

sporach: *a.* géar, gathach, géar-chúinneach. Gort sporach: go mbeadh cúinne géar air mar bheadh triantán. Marcach sporach: go mbeadh spuir ar a shálaibh. Ní fhéadfadh neach siubhal ar na clochaibh, táid chómh sporach san: poinntidhe fada, géara ortha. Éan géar-sporach seadh an seabhac gorm: gríobha fada, cruadha, fuinneamhla air. Oileán mór sporach atá ann, ní fhéadfadh gan é do bheith fothaineamhail: poinntidhe ag roth amach ’on bhfarraige ann a ghníos cuanta eatartha. Cuir t’fhilleóg (seál) i gceart ort, tá sé sporach: cúinne géar.

sporadh: *f.* (*-rtha*) do ghríosadh, do bhíodhgadh, bhrostughadh, áis do bhaint as spuir ar chapall; gais phrátaidhe, ghabáiste, etc., do bhearradh. Níor dhíoghbháil na gais do sporadh, táid an-iomadamhail, an-shaidhbhir: na duilleóga íochtaracha do bhaint den ngas chun a éadtromuighthe. Ní mór in ao’chor an sporadh budh ghábhadh dho, bhí sé beachanta go leór cheana: an gríosadh. Ní haon sporadh beag chun gnímh air deoch do theannadh leis: brostughadh. Fógradh air gan an capall do sporadh mar in ionad aon tsiubhail breise do bhaint as gur b’amhlaidh do chuireann chun stalcaidheachta é: gan é do bhrodadh lé sporaibh. Gan an sporadh a deineadh ortha ní bheadh siad annso chómh luath: gríosadh, brostughadh. Deirim leat go bhfuilir ghá sporadh chun an diabhail: ag spriogadh fé ar a aimhleas. Bíonn gach éinne ghom sporadh: ag giobadh orm agus ghom chrádh. Iad ag sporadh ceóil: ag seimint go bríoghmhar.

sporadóir: *f.3.* gríosadóir, brostuightheóir; déantóir spor. Ní mó an diabhal féin de sporadóir ná í: chuirfeadh sí éinne chun feirge nó cathuighthe. Ní beag an sporadóir call: bheith in easbhaidh ruda gríosann duine chun gnímh.

sporaim: *b.a.* gríosaim, bíodhgaim, spriogaim, seimim go bríoghmhar; sprochaim, teascaim. Ná spor me nó is tinn duit: ná bíodhg chun troda me. Cad do spor thu chun a leithéide do dhéanamh, beart chómh náireach leis?: cad a spriog fút?: cad a bheir duit? Má bhraithir an capall ag cnúbháil in ao’chor sa rás spor ó thalamh é: cuir na spuir ann chun a ghríosuighthe chun cinn. Spor an gabáiste, tá sé ró-shaidhbhir: bain na duilleóga íochtaracha de. Sporadh sé na prátaidhe nuair bhíodh iomad gas ortha: baineadh cuid des na géagaibh díobh. Ní raghadh súd ag troid lé héinne ach gur sporadh ró-mhór é, dar liom: gur baineadh iomad sponncáin fé. Is mall leó an ceól, spor é go rinncid níos fearr: spreag níos bríoghmhaire é. Sporfair chun oibre é ach bheith ghá mholadh: músclóchair: gríosfair é: dúiseóchair an mianach ann.

spórt: *f.1.* aon tsaghas súgraidh a ghníos caitheamh aimsire, greann, seódh, magadh, cleasaidheacht, subhachas. Is mór an spórt a bhíos ag lucht tuaithe lá ráis: greann is subhachas caitheamh aimsire. Na leanbhaidhe scoile ag déanamh spóirt dóibh féin ar aitreamh scuir: ag súgradh: ghá n-aoibhneas féin lé cleasaibh is rangcás. An uair seadh is mó an spórt seadh is córa stad de: ní maith é duine do scaoileadh leis féin ar fad lé linn a rachmais. Leigtear don nduine sin, ní haon fhear spóirt é: duine chun bheith ag baint subhachais as agus bheith ag magadh fé. Is mór an spórt me, ní fhéadfainn an luid a bhí uaim d’fhaghail: cúis ghrinn do chách. Oidhche cheart a dhéanfaidh sí aca madair lé

spórt, rinnce agus rocsam: súgradh: rudaidhe ar siubhal aca a chuirfeas taithneamh ortha gan díoghbháil do chách. Táir ag déanamh spóirt díom anois is a rádh gur me an cailín is dathamhla gur labhrais riamh léi: ag déanamh magaidh fúm. Deirim-se leat, a dhuine mhuinnteardha, nách aon spórt spealadóireacht: obair go bhfaightear mórán dá duadh. An-spórt fir seadh é: fear ceanamhail ar chaitheamh aimsire, a chuireas suim i gcleasaibh lúth, ráiseannaibh, dóirneáil etc. Is mór an spórt lé leanbhaidhibh bheith ghá ngléasadh féin go gleóidhte: an t-adhbhar seóidh is grinn. Tá sé ina spórt ag aindeisidibh an tsaoghail: é ar chur an tsaoghail: gach aon rud ag dul ina choinnibh. Tagadh ciall duit is ná bí id dhreóilín spóirt aca: id cheap magaidh is grinn.

spórtach: *a.* cleasach, meidhreach, mear, súgrach, tugtha do spórt. Bíonn piscín an-spórtach, baineann sé sásamh an domhain as bheith ag léimrigh is ag tóraidheacht chuileanna, etc.: súgrach. Bheadh sé níos spórtaighe dá mbeadh a bholg lán: níos claoine lé seódh is greann. Dream spórtach iad súd, níl rás ná cluiche cleas lúth sa chúige ná go mbíd aige: dream atá tugtha do gach saghas caithimh aimsire.

spórtamhail: *a.* lán de spórt, magamhail, súgrach. Buachaill spórtamhail atá ann, ní chuirfidh sé aon nath teacht linn chun an chluiche dá fhaid ó bhaile é: chómh leagtha san le caitheamh aimsire is seal ar scur ó chúram is ghnóth. Maidrín spórtamhail é sin, ní stadann sé ach ag gleáchas is ag déanamh chleas: meidhreach. Is neamh-spórtamhail an rud duit ceileabhairt in imirt chártaidhe: ní fhoillsigheann sé gur chun cuideachtan agus subhachais a imrir iad. Beidh lá spórtamhail, beidh rinnce is ceól is amhráin againn: lá go mbainfeam aoibhneas is subháilceas as. Budh chuma dhuit cad déarfá leis, ní thógfadh sé aon rud ort, tá sé spórtamhail: toilteanach lé babhta grinn do dhéanamh fé gan míchéadfadh do theacht air. Ní spórtamhail an rud bheith i mullach an chinn ar dhuine bhocht: comhthromamhail.

spórtamhlacht: *b.3.* greannmhaireacht, fonn aoibhneasa do bhaint amach. Chaith sé a raibh aige lé spórtamhlacht, ní dhéanfadh cuimse caithte an gnóth dho: iomad dúlach chun aoibhneasa do bhaint amach ar éaradh a dhualgais. Siúd í an bheach ná fuil aon spórtamhlacht innte, ná féadfá barra do mhéire do bhualadh uirthe: claonacht lé seódh ná greann. Raghadh san na mílte chun rás capall, tá an spórtamhlacht ag baint leis: an leagadh aigne lé seódh is greann is aoibhneas. Níor chorruigh ar chaill sé an spórtamhlacht atá annsúd: réidheacht aigne lé dul i dtreis conntabhartha cailleamhna i gcomórtas a bheadh comhthrom, ceart.

spota: *f.4.* ball, smál, gead, éasc, smól, láthair, ionad. Fuairtheas spotaidhe fola daonna ar a chuid éadaigh agus láithreach baill caitheadh amhras air gurb é bhí cionntach leis an marbhadh. An áit go bhfuilir id sheasamh anois, tá sé de spota chómh breágh agus tá in Éirinn: ionad: log: ceanntar. Spota gleóidhte chun tighe do thógaint air: láthair. Beidh an dochtúir chughainn ar an spota: ar an mball: ar an dtoirt: lom láithreach. Shaoileas go dtuitfeadh an t-anam ar an spota asam lé snaidhmeannaibh gáiridhe: ar an láthair. Nách bíodh eagla ort ná go mbead ar an spota má bhíonn gábhadh liom: san áit áirighthe. Droich-ghéag é sin, bhuailfeadh sé ar an spota thu gan an iomad cúise ach an oiread: ar phrap na súl. Ar an spota san do dheineas é: gan a thuilleadh moille. Tháinighis 'on spota cheart chun an ruda a bhí uait d'fhagháil: ball, áit. Nár fhágad an spota so mara bhfuil an

fhírinne agam!: an t-anam go dtuitidh asam annso! Madra dubh is spotaidhe bána ann: baill: paistidheacha beaga. Cad a chuir na spotaidhe ina aghaidh: paistidheacha ná fuil ar dhath an chneasa mar fhanfadh tar éis galair. Tagann spotaidhe in éadach i bhfad níos fusa 'ná in aon tsaghas eile: baill teimhil: paistidheacha beaga salachair. Spotaidhe dearga muileataidhe ar chártaidhibh: baill.

spotar: *f.1.* greitheal, fuadar, mearbhall, útamáil. Ní hé seo am an spotair i ndeireadh an lae thiar dá mbeadh aon fhonn mór saothair ort: an deabhaidh agus ghreitileáin. Is mór go léir an spotar é ná labharfá leis na daoinibh: an fuadar is an deabhadh. Ní gan spotar atá an tigh curtha os chionn a chéile aige ina aonar: saothar mór.

spotuighthe: *a.r.* breacuighthe, teimhealuighthe, ponncuighthe. Ubh spotuighthe: go mbíonn baill bheaga thall 'sabhfus ann ar atharrach dath leis an mbun-dath. An charraig spotuighthe ag tuar na n-éan: teimhealuighthe: paistidheacha salacha uirthi. Iarradh orm m'ainm do shighniughadh ar an líne spotuighthe: líne go raibh baill bheaga nó dubhradáin uirthi chun treóruighthe.

sprabhais: *b.2.* cainncín grainnceach, scaimh, púic. Ná cuir aon sprabhais ort féin chugham-sa mar ná cuirfidh sé aon ruaine faitchíosa orm: grainnc, cuma mío-shásta aghtha. Ná bí ag cur sprabhaise ort chun an leinbh nó scannróchair é: grainnc: snaidhmeanna ar fháthaibh an bhéil. Ní deacair sprabhais do chur air: púic: driuch mí-chneasta. Caith sa sprabhais air é, tá sé tuillte aige gan focal bog do labhairt leis: sa tsúil: san aghaidh mar olc air. Budh bheag an díoghbháil é do bhualadh treasna na sprabhaise: san aghaidh mhí-gheanamhail. An sprabhais a thagann ar mo dhiabhal chugham gan chúis gan adhbhar i bhfios dom: pus is mío-thaithneamh: féachaint sclamhach.

sprabhaiseach: *a.* grainnceach, pusach, coimhtheach. An chuma sprabhaiseach a bhíonn air ní mór gur mhaith leat labhairt leis: grainnceamhail, míoshásta. Chonnac mo dhóthain de, d'aon amharc sprabhaiseach amháin: púiceach: coimhtheach.

spraic: *b.2.* coimhtheas, fógra, milleán, focal chun na leac oidhreach do bhriseadh; brigh, neart, beodhacht, iarracht, smacht. Leig do féin is ná tairng orm é, ná cuir aon spraic air: coimhtheas: ná déin is ná habair faic a thairngeóchadh aghaidh a chaoraidheachta orm. Mara mbeadh é féin do chur spraice orm gheóbhainn tharais an bhfear go breágh galánta: do chur cainnte orm. Is é an saghas mná í sin go bhfuil sí an-lághach go dtí go gcuirtear spraic uirthi: go ndéintear nó go n-abarthar rud éigin nách taithneamhach léi is ní deacair sin. Chuir sé spraic orm toisc gan me bheith in am, agus ghearán sé me: milleán. Níl spraic ag éinne orm, fear gan bean gan chlann gan beann ar éinne me: buannacht ná smacht. Cuirtear spraic ar an obair seo nó ní bheidh sí déanta choidhche: gríosadh, brostughadh. Ní mór an spraic uait an t-ádhbhar san oibre ar a fhaid atáir ag gabháil de: iarracht. Rinne na feirmeóiridhe spraic mhór in aghaidh an árduighthe íoca: chuireadar iad féin in iúil go láidir ná raibh a dtoil leis. Muinntir na háite fé n-a spraic aige, leadhbfaidís a bhróga dho: ní bheadh aige ach sméideadh ortha. Níl an sean-bharránach claoidhte fós tá spraic ann: speach, neart. An saoghal mór ní chuirfeadh fé chois é, tá sé lán de spraic: d'anam.

spraiceamhail: *a.* anamamhail, bríoghmhar, ceólmhar, coingheallach. Tá sé an-spraiceamhail fós dá aois, éirigheann sé go moch agus bíonn ag gíotáil ar fuaid an tighe ar feadh an lae ar fad: bríoghmhar: beódha. Duine spraiceamhail tímcheall aon ruda seadh é, ní fada thógfadh aonnidh uaidh: fuinneamhail, buanamhail, anamamhail.

spréach: *b.2.* smól bheag dhearg a chaithfeadh aon rud a bheadh ag loscadh nó ar lasadh; sponc, preab, meisneach, léas. Níl oiread agus spréach sa teine connus lasfadh sí?: smól dhearg: blúirín beag go mbeadh an teine dhearg ann. Dóghfaidh na spréacha atá ag imtheacht as do phíp an iothla: cáithnidheacha go bhfuil teine ionta. An simné trí theine is spréacha ag dul san aer: smólacha dearga. Mar thagann spréacha as fén ngréin: glioscarnach: léimeann léasacha beaga solais uaidh. Saoileadh ná beadh sé chómh dona, mar ná raibh ann ach dóghadh spréiche: sméaróid bheag. Cuir spréach bheag fé phota an té chun é do choimeád te: sméaróid dhearg mhóna nó ghuail. Dá mbeadh aon spréach ionat ní leigfeá dho bheith ghod tharcuisniughadh: preab fir. Tháinig spréach bhuile air: las sé go hobann lé feirg. Cad tá ag teacht in ao'chor air? níl aon spréach ag fanacht ann: aon anam: preab: meisneach.

spréachadh: *f.* (*-chta*) scaipeadh, strealladh; glioscarnach. Ní fiú é, an t-anchúinse, bheith ag spréachadh deór ina dhiaidh, ní raibh aon mhaith riamh ann: ag silleadh. Ní fhéadfainn féachaint sa scáthán fén ngréin bíonn sé ag spréachadh: ag glioscarnaigh: léasa solais ag léimrigh de. Bhaineadh spréachadh a cuid seód do radharc díot: glioscarnach: baill sholasmhara ag scaipeadh i ngach treó. Ag spréachadh na bprátaidhe lé cloich ghorm: ghá stealladh ortha le hinneall nó scathán. An lá go léir ag spréachadh bháistighe: ag stealladh: gan sos gan staonadh.

spreacadh: *f.* (*-ctha*) do spriogadh, do mhothalughadh, do stealladh; anamamhlacht, bríoghmhaireacht, saothar. Sé an lus mór rogha chun spreactha do chur san gcroidhe a bhíos lag: chun a mhúscaltha: breis anama do chur ann. Is maith drúcht trom chun spreactha do chur sa bhfás: é do mhúscailt is do luathughadh. Siúd é annsúd agat é gan aon spreacadh: gan aon chor: gan preab, gan anam. Níl aon rud aca san nár dheineas le spreacadh mo ghéige féin, gan chabhair gan chóngamh ó neach: neart agus lúth. Cuir spreacadh ionat féin má tá fonn ort aonnidh do dhéanamh duit féin: corruighe: anamamhlacht.

spréachaim: *b.a.* $_7$ *n-a.* spréidhim, scaipim, steallaim le huisce etc.; glioscarnuighim; péacaim, raidim. Do spréach an bhó ar cuireadh fé n-a ceann: do scaip soir siar é. Seachain thu féin ar an gcapall malluighthe sin, ní haon iongadh ná go spréachfadh sé: go mbuailfeadh lé n-a chois. Spréach na blátha lé huisce ar thuitimín na hoidhche: leath uisce ortha. Mar spréachann an buidéal i neart na gréine: mar chaitheann sé solas uaidh ina léasaibh groda tapamhla. An fáinne atá ar a méir spréachann sé ar nós réilthín oidhche sheaca: scaipeann.

spreachall: *f.1.* salacharáil, clúdach, sceódh, strealladh, crothadh. B'fhearrde an móinfheár a bheadh ar an ngort san é spreachall cré do chaitheamh air i dtúis na bliadhna: sceódh éadtrom: crothadh beag. Gearraidh spreachall aráin chugham: slisneóg thanaidhe.

Raghadh spreachall báistighe go maith dos na prátaidhibh sin: ádhbhar éadtrom. Cuir spreachall aoiligh idir dhá chré ann agus is mór an chabhair chun fásta é: sceódh.

spréacharnach: *b.2.* glioscarnaighe, glinneamhaint, lasadh; léimeadh spréach. Oidhche bíonn spréacharnach ges na réilthinidhibh budh dhóigh lé duine gur ag rinnce do bheidís: glioscarnach: bíonn gathaidhe solais uatha: drithlíneach. Spréacharnach pípe a chuaidh i ndíon an tighe gur ghaibh sé teine is gur loisceadh go talamh é: smearóididhe dearga ag léimeadh. An dlúimh dheataigh is an spréacharnach a bhí ag teacht as mhúchán na luinge nuair bhítheas ghá spreacadh chun siubhail: sméaróididhe dearga ag léimeadh anáirde san aer. Níor mhaith an dóighthín dul ina ghoire bhí sé annsúd ar a chora-ghiob ar a aire féin agus spréacharnach ge n-a shúilibh: an radharc ina sheasamh ann ag glioscarnaigh. Sar ar shéid sé ar fad, bhraithfeá ag sughadh chuige é, bhí sé chómh ciúin sin, agus spréacharnach bháistighe ann: braonacha maithe, tiugha.

spréach-bhraon: *f.1.* oiread agus scaipfeadh go fairsing. Níor fliuchadh go mór me, ní raibh ann ach spréach-bhraon: braonaidheacha troma, fánach ó chéile. Níor bhuail ach spréach-bhraon: braon anois is braon airís.

spreachghail: *b.3.* do chaitheamh spréach, glíoscarnach, báisteach fhada, fánach. Go n-ithidh sí thu, ní bhádhfaidh an spreachghail sin thu: braonacha éadtroma nó fánacha. Tá sé ag spreachghail chun na báistighe: uisce ón spéir mar beifí ghá chrothadh. Mar a rabhas ag iascach ar an gcarraig thagadh spreachghail orm nuair bhuaileadh an tonn ina coinnibh: farraige, streallghail éadtrom, mar chroithfí ar dhuine é. Cé chuige go bhfuil an t-airgead, tá an teine ag spreachghail: spréacha ag léimrigh aiste. Ar shéideadh teine na ceárdchan ró-láidir chuir sí spreachghail ar fuaid an úrláir: sméaróididhe croidhearga.

spréadhaire: *f.4.* fearas chun uisce, etc. do stealladh nó do chrothadh, scathán chun uisce choisreac do chrothadh; sisiréad. Spréadhaire prátaidhe: inneall chun cloch ghorm do leathadh ar na gasaibh.

spreagadh: *f.* (*-gtha*) gríosadh, athchairt, d'fhógairt, tafant, seimint nó labhairt bheódha. Fógraim ort gan bheith ghom spreagadh, nó má bhír ná leigfead leat é: ghom ghriogadh: ag tástáil an mhianaigh ionam. Táthar ag spreagadh air dul ann, is dócha go raghaidh: ag séideadh fé: ghá ghriogadh: ghá sporadh chuige. Ní lá fós é mara bhfuil spreagadh sa digh seo: beódhamhlacht. Is í rogha fós í chun spreagtha ar an gcláirsigh: ceól binn do bhaint aiste. Is mithid do bheith ábalta ar an nGaedhealaing do spreagadh anois, tá sé tamall maith ag gabháil di: do labhairt go mear gan tuisle. Dubharthas leis éisteacht de phreib is gan bheith ag spreagadh éithigh: ag innsint éithigh ar dalladh. Is fada buidhe go mbeinn in earrad lé héinne mara ndéintí spreagadh ró-mhór air: griogadh: mianach dhuine do mhúscailt. Níor cheart duit bheith ghá spreagadh chun óil is a óige atá sé: ag cur fé go n-ólfadh sé. B'aoibhinn léd chroidhe bheith ag éisteacht leis na héanlaithibh ag spreagadh ar ghéagaibh ar feadh an ghleanna tráthnóna buidhe gréine: ag cantain go ceólmhar. Labhair sé gan aon spreagadh do dhéanamh air: aon tséideadh fé. "Agus an tan tháinic Peadar go hAinticia do sheas me in aghaidh a éadain, óir do thuill sé a spreagadh": (Gal. II. 11): milleán do thabhairt do. "Is ó Spioruid Dé tháinic an sgriobtúir uile agus is tarbhach é chum teaguisg, chum spreagtha, chum ceartuighthe, chum

foirceadail na fíreantachda" (2. Tiomot. III. 16): milleánughadh in am mí-ghníomha nó lochta. Dá mbeinn ag spreagadh choidhche air aire do thabhairt do féin aon toradh ní thabharfadh sé orm: ag athchairt: ag impidhe air. Ag spreagadh na bhfear chun catha: ag cur meisnigh ortha.

spreagaim: *b.a.* gríosaim, spriogaim, brostuighim, luathuighim, tafantuighim, labhraim go tric, seimim go hanamamhail. Spreagann sé éiteach chómh blasta lé haon fhear bán: labhrann ina shruth. Ó mhaidean go hoidhche spreagann an t-éinín ina chás: seimeann go ceólmhar. Spreagann an sagart ar pheaca sinn: fógrann orainn gan tuiteam ann. Ná spreag ró-mhinic orm é, tá sé curtha in iúil minic go leór dom: ná cuir i gcuimhne dhom nách ceart dom a dhéanamh. Spreag an diabhal fúm é do dhéanamh: phrioc me: shéid fúm: do ghríosuigh me. Is aoibhinn mar spreagann sé ar an bheidhlín: mar bhaineann sé ceól aiste. Spreagfadh sé bruigean ar ingnibh a chos: chuirfeadh sé clampar ar dhuine dá aindeóin.

spreagaire: *f.4.* gríosadóir, spochaire, glagaire, cáinteóir. Ní bhíonn suaimhneas in aon chuideachtain go mbíonn an spreagaire sin, ní théigheann sos ar an gcailín dearg aige: duine a bhíos ag síor-stealladh aighnis as. B'é seo spreagaire an achrainn: mara mbeadh é ní bheadh focal goirgeach ná clamprach ann: an té a ghríosuigh chun clampair. Nách é an meaig (snag breac) an spreagaire gleódhach: ceólán ná stadann. Tusa an spreagaire beag, suarach nuair gheibhir drom dhuine leat: gur beag agat duine do mhasladh: cáinteóir. Níl ionat ach spreagaire, ní bhfaghaim aon fhuaimeant léd chuid cainnte: glagaire: duine fad-labhartha, leamh-ráidhteach.

spreagaireacht: *b.3.* gríosadh, spriogadh, luathughadh, teangmháil thric méar lé téadaibh ceoil, lochtughadh, milleánughadh, glagaireacht. D'fhógras air stad dá spreagaireacht nó gur bhun lé bruighin é: an iomad glagaireachta aige: é ag cur tharais gan aon deallramh. Is subhach liom bheith ag éisteacht leis an snag ag spreagaireacht ar dhruim na bólachta is ag priocadh phiast asta: cnagarnach ghlórghala. Bíonn a bhean ag spreagaireacht air, is iongadh ná baineann sí a mheabhair de: ghá chiapadh ag fagháil lochta air. Dhéanfadh sé i bhfad is i bhfad níos fearr ach gan bheith ag spreagaireacht, é d'fhágaint ar a bhuille: ag priocadh is ag giobadh air. Maireann sé ar spreagaireacht cheóil i hallaidhibh rinnce, is ar aontaighibh: ag seimint chómh maith agus d'fhéadann.

spreagamhail: *a.* fuinneamhail, anamamhail, beódha, meisneamhail. Labhrann sé go han-spreagamhail, ní bheifeá cortha de bheith ag éisteacht leis: beódha. Is spreagamhla go mór duine chun oibre ar maidin ná um thráthnóna, sara luigheann sí air: is fuinneamhla.

spreall: *b.3.* leadhb, easnamh críochnamhlachta, neamh-shnastacht. Ná tuigtear leat go bhfaghair aonnidh ar bóiléagar uaidh siúd, níl aon spreall air: aon rud ar bogadh ná ar silleadh leis. Faic ní dheárna sé riamh gan spreall do bheith air ina dhiaidh: rud éigin in easnamh déanta.

spreallaire: *f.4.* fuairthé, suarachán, duine gan puinn measa aige air féin, ná bíonn cruinn ina chuid cainnte. Duig ionat, a spreallaire, a leig amach as do dhá láimh é is a fheabhas a theastuigheann sé: rud liobarnach. Aon fhocal amháin dár labhair sé ní dheaghaidh i

luighe gaibhte ar éinne dá lucht éisteachta, ní raibh ann ach spreallaire cainnteóra: go mbeadh a briathra go liobarnach aige. Labhair i slighe agus go dtuigfear thu, a spreallaire: duine ná bíonn blas, dath ná croiceann ar a chuid cainnte. Nách é an spreallaire é, a leigfeadh d'éinne bheith ag cáineadh a mhuinntire os chómhair a dhá shúl: rud gan spioraid gan fearamhlacht. Spreallaire saoir ná tógfadh falla go lá dheiridh an domhain: ceann gan chrích. Ní haon chuideachta dhúinne na spreallairidhe sin nár chaith pingin riamh lé haiteas an óil: rudaidhe suaracha, sprionnlaithe. As mo radharc, a spreallaire!: a rud gan tairbhe, gan mheisneach, gan tapa. Spreallaire feirmeóra atá ionat: aindeiseóir: gan aon eólas ort. B'fhada uaim iontaoibh do chur i spreallaire mar thu, nár dhual do bheith dílis d'éinne ná d'aonnidh riamh: duine gan áird.

spreallaireacht: *b.3.* sprionnlaitheacht, suaraidheacht, ceal measa, fastaoim, breallántaidheacht. Cuir uaim an spreallaireacht, ach má táir chun ruda do dhéanamh déin é: fastaoim gan chéill: neamh-dheallramh chun ruda do dhéanamh. Spreallaireacht oibre í seo! cá bhfuil na húirlisidhe nár mhór dom?: fastaoim chun dulta ina treó. Stad den spreallaireacht agus labhair ar chuma éigin go mbeidh deallramh ort agus go dtuigfear thu: mórchuid cainnte is beagán fuaimeanta. Íoc me nó ná híoc me ach cuir uait an spreallaireacht so ná tuigim agus ná taithnigheann: aiteas cainnte a bhíos mar scéal tharais. D'éirigheas tuirseach dá chuid spreallaireachta, fonn is míofhonn air chun troda is ná faghfá thoir ná thiar é: fánaidheachta rúin.

spreang: (**spreanng**) *b.3.* ríodhg, taod, taom (mianaigh, intinne etc.), léim, preab. Tóg é go bhfuil sé ghá thabhairt duit, ar eagla go dtiocfadh spreang ann is go n-athróchadh a aigne: ríodhg obann: obanntas aigne. Ná tagadh aon spreang anois ort leis an méid atá lé rádh agam más seanbhlas féin é: néall obann feirge. Cad iad na spreanganna atá anois ort?: spearbaill: teadhanna aite. "An dóigh leat go bhfoidhneóchaidh sé leis an leitir tharcuisneamhail úd?" - "tá a mhalairt de spreang ann": mianach níos fusa 'ná san do lasadh. Is iomdha spreang díth-céille leis a thagas i gceann an duine ó aois go bás do: teadh ait. Seachantar an duine sin, tagann spreanganna air: ríodhganna: taomacha feirge nó ceal réasúin chirt. De spreang na huaire mhairbh sé an fear, ní has mhaoil an bháidh, ní raghaidh an dlighe chómh dian air: gríosadh chun gnímh ná bíonn aon chumas againn air. Thug sé an spreang san ó mhuinntir a mháthar leis, beith fearamhail: an mianach fola. Ar feadh tamaill do bhí an t-ainmhidhe an-chiúin, an-shocair, go dtáinig spreang air gur streall sé uisce na fichididhe troigh san aer le n-a carball: taom obann feirge. D'imthigh sé den spreang san is níor stad ná níor fhuar sé go ndeachaidh abhaile: gríosadh éigin ón dtaobh istigh. Is baoghlach gurb iad spreanganna an bháis atá air: spearbaill rudaidhe dhá rádh is dhá dhéanamh aige nách léir do. Budh gheairrid an mhoill air an obair do chaitheamh, pé broid a bheadh léi, dá dtagadh an spreang air: teadh obann: gríosadh ann féin gan aon chómhacht lasmuigh. Bhuail spreang phósta é: gan choinne, as moill bháidhe tháinig fonn air chuige.

spreangamhail: (**spreanngamhail, spreangach, spreanngach**) *a.* ríodhgach, taomach, taodach. Is deacair seasamh air, duine ró-spreangamhail atá ann, nuair budh dhóigh leat é do bheith agat sin é díreach tráth d'iompóchadh sé id choinnibh: taodach. Dhéanfadh sé an saothar san níos fearr 'ná éinne ar m'eólas ach cad é an mhaith sin, níor dhóichighde 'ná a chaitheamh uaidh, tá sé chómh spreangamhail: taodach: claon lé hathrughadh obann

aigne do theacht air. Budh spreangamhail an bheart do dhein sé, a raibh aige do dhíol amach agus bailiughadh leis as an áit: taomanach: obann: rud do dhéanamh de ríodhg gan lán-mhachtnamh do dhéanamh air. Níor mhaith liom dul ró-dhian air, tá sé ádhbhar spreangamhail: claon lé taomachaibh feirge do theacht air dá aindeóin. Táim ró-spreangamhail d'obair mar í sin go n-oirfeadh síor-chlaoidheachtaint léi: claon le hathrughadh obann intinne. Tá súd an-spreangamhail, a dhuine .i. tagann taomacha obanna buile air nó teadhanna ná beadh coinne leo: feall ar iontaoibh atá ann.

spreangamhlacht: (**spreanngamhlacht**) *b.3.* ríodhgacht, taodacht, taomanacht. Dá gcuirteá uait leath na spreangamhlachta agus claoidhe léd chuid oibre b'fhearrde thu é: gan bheith chómh claon lé taomachaibh do theacht ort: t'aigne do bheith ar rud anois is i gcionn nóiminte ar rud eile. Budh mhór an spreangamhlacht do theacht agus a fheirm do dhíol agus capall ráis do cheannach: taodacht, an géilleadh do ríodhg obann. Níor fhág an spreangamhlacht san riamh an chinidh: tréith go ndéanfaidís rud go hobann.

spreas: *f.1.* ₇ *3.* géagán tirim gan sughlach, cipín tirim, nó tuige, duine nó rud gan tairbhe. Ós fearr leis bheith sínte ina spreas lé díomhaointeas ná lá oibre do dhéanamh do féin, bíodh a thoil aige: duine marbh, neamh-anamamhail. Ní bheadh éinne clainne ag spreas mar thusa: duine ná fuil aon bhrigh fágtha ann. Beidh sí ina spreas gan luighe lé fear: aimrid. Tá an mhóin imthighthe ina spreas tuitithe as a chéile: imthighthe gan mhaith lé n-a mine. Pé rud atá tagtha orm táim imthighthe im spreas ar fad lé déidheannaigh, ní bhrathaim lúth ná tapa ionam: rud gan tairbhe déanta dhíom. Éirigh is ná bí id spreas san leabaidh sin: sliasta leisceamhail.

spreasán: *f.1.* duine gan aon tairbhe, gan mheisneach. A spreasáin, scrios as mo radharc, go leigfeá d'fhear bheag mar é sin, gan oiread mo lúidín ann, crith-eagla do chur ort: meathtach. Is oth liom a rádh ná fuil ionat ach spreasán ar a ghualainn siúd: rud gan tairbhe: níl ionat ach mar bheadh géag chríon. Níl ionta ach spreasáin fhear: fir éadtroma na fuil tréan ná cródha. Spreasáinín bocht leinbh atá ann agus, mo thruagh é, an tinneas agus an duadh go léir atá air: leanbh lag, dearóil. An rud atá déanta anois agat, ní dhéanfadh spreasán é: duine ná beadh aon tairbhe ná fearamhlacht ann. Tá sí ar fad déanta lé seal de, ní fheicfeadh sé a chroidhe dá mbeadh sé ar a bhais aige: sprionnlóir. Spreasáin shaighdiúiridhe atá ionnta ní thabharfaidh aon triall uatha: rudaidhe meathta. Is dóigh lé gach spreasán gur leannán leis féin me: gach leibide a bhíos ag suirghe liom dar leis is leis me. A spreasáin, tagadh crích éigin chun an tsaoghail ort: duine leachta, leibideach.

spreasánta: *a. n-dh.* suarach, sprionnlaithe. Ná bí chómh spreasánta san is ná tabharfá dho ach aon lasán amháin: sprionnlaithe. Ar rud chómh spreasánta leis ní chaillfinn mo chiall: beag, suarach. Aon ghaisce ní dhéanfair air, táir ag cur chuige ró-spreasánta: neamh-anamamhail.

spreasántacht: *b.2.* suaraidheacht, sprionnlaitheacht, beagthábhacht. Leis an spreasántacht ní dhéanfadh sé lá oibre dhó féin chun a chothálta: neamh-maitheas, leisceamhlacht agus manaois. Ní spreasántacht in ao'chor a dhéanfadh saighdiúir maith: ceal clóidh is deallraimh. Leathphingne ruadh ní chaithfeadh sé i suidhe cuideachtan le

spreasántacht: suaraidheacht, ceal croidhe, agus rud aige. Trí n-a spreasántacht féin ní bhfaigheadh sé faic ó éinne: bheith gan chrích gan áird, agus droch-mhaitheach.

spréidh: *b.2.* mír mná pósta, ródh, ionmhas. Fuair sé dhá chéad púnt spréidhe lé n-a mhnaoi: roinnt sealbhais, etc., a bhíos ag mnaoi nó tugtar di lé linn a snaidheamtha. "Imthigheann an spréidh leis an bhfaill is fanann an bhreill ar an mnaoi": caithtear cuid na céile mná is ní fhanann aon mheas uirthi. "Dá mbeadh spréidh ag an gcat is fíor go bpósfaí é": is cuma cad é an crot a bhíos ar dhuine gheóbhaidh sé céile má bhíonn airgead, ionmhas nó talamh aige. Is iad na fir mhaithe a ghlacas na mná gan spréidh: gan airgead nó a chómh. B'fhearr liom bean ina léine ná bean eile agus spréidh aice: bean dhealbh a bheadh críochnamhail gasta 'ná bean leibideach agus mór-chuid aice. Spréidh chnuic: ainmhidhthe cnuic a gheóbhadh duine mar mhír phósta. Leanann an tabhairt an spréidh: mar a mbíonn saidhbhreas is gnáthach clampar agus achrann.

spréidh: *b.2.* sméaróid dhearg, aibhleóg, dealán. Cad é mar shaghas tighe é ná fuil spréidh theineadh ann: smól dhearg. Féach an bhféadfá béim spréidhe do bhaint leis an lastóir íle seo: spréach do dhéanamh chun teineadh d'fhadughadh. Spréidheacha dhá bhaint ag cruitibh na gcapall as an mbóthar: teine chreasa.

spréidheadh: *f.* (*-dhte*) scaipeadh, leathanughadh, leaghadh, caitheamh rabhairneach, slámadh. Gála gaoithe nár mhór chun na scamall san do spréidheadh: do leaghadh is do ruagadh. Ceódh trom, tiugh is gan aon spréidheadh ag dul air: leaghadh, scaipeadh. Mara gcuirtear cosc leis an ngalar so beidh sé ag spréidheadh ar fuaid na dúthaighe ar fad ar an bhfuadar atá fé: ag leathanughadh. Spréidheadh nár théighidh ar do chuid, a fhir ghalánta, mar budh mhór an truagh choidhche dá cheal thu: scaipeadh. B'ait an fear thu is do chuid do spréidheadh ar dhream ná tabharfadh faic anois duit nuair atá easnamh ort: do chaitheamh go rabairneach. Ag spréidheadh do choda ar scléip: ghá chaitheamh gan aon fhéachaint rómhat. Spéidheadh ort! maran mé atá ag fagháil an duaidh uait: leaghadh ort! fán go dtéighidh ort! Ag spréidheadh olna: slámadh: cíoradh. An féar dhá spréidheadh lé gaoith ar fuaid an ghuirt: dhá fhuadach.

spréidhim: *b.a. 7 n-a.* scaipim, caithim, leighim, deighlim. Ní spréidhfidh an ceódh san anocht, is linn bheith ar an oileán mara so go maidean: ní leighfidh. Do spréidheas mo neart riamh ag obair do dhaoinibh iasachta, go bhfuilim ar lag-bhrigh: do chaitheas ina roileach. Spréidh sé na céadta mílte, indiu níl fiú an éadaigh ar fóghnamh air: chaith sé go rabairneach, ait. Spréidhfidh aon aicíd thógálach ná faigheann aire cheart chun a cosctha: scaipfidh. Spréidh sí a brat ar an marbh: leath sí amach air é chun a chlúduighthe. Faid bhí sé as baile is ná raibh neach ina mbun spréidheadh a chuid leabhar, ná raibh ceann roimis ar fhilleadh dho: scaipeadh is leigeadh chun fáin iad. Spréidhinn aoileach ar an dtalamh ann as thrucaill: scaipinn, leathainn. Spréidhfear furmhór na saighdiúiridhe sin as an arm tar éis an chogaidh: leigfear leó: scaoilfear iad. Spréidheadh sé a chuid airgid ar na bochtaibh, sin mar scar sé leis, is gur dhealbhuigh sé é féin: roinneadh amach ortha é i gcarthanacht. Spréidh an pléasclach i gcoinnibh na carraige is chuir lótaidhe iarainn soir siar: phléasc sé is d'imthigh ina bhlódhtachaibh i ngach treó.

spreidhnlín: *f.4.* léas bheag, gealán, spréichín. Bíonn spreidhnlínidhe ós na réilthínidhibh oidhche sheaca: bíd mar bheadh súile ag glioscarnaigh. D'éireóchadh spreidhnlínidhe as an gcloich lé n-a cruaidheacht ar a bhualadh lé húirlis iarainn: teine chreasa, spréacha beaga.

spréidh-mhóin: *b.3.* go mbeadh cadhráin déanta dhi lé faid a bainte, briosc, lag.

spréidhte: *a.r.* caithte, scaipithe, leachta, traochta, tugtha, scaoilte. An iongadh is mó fén spéir ná fuil an dá arm spréidhte ge chéile tar éis a bhfuil de thuargaint fachta agus tugtha aca: díscighthe, caithte, ruagtha. A raibh agam spréidhte agam, níl anois rómham ach tigh na mbocht: caithte lé haer an tsaoghail. Mo leabhartha go léir spréidhte orm: scaipighhte: imthighthe lé fán. Chómh spréidhte lé sneachtadh na bliadhna anuiridh: leachta, imthighthe. An bhfuil do chiall spréidhte ort ná tugair na daoine fé ndeara ag fonmhód fút: scaipithe. Fear spréidhte anois me: spíonta, caithte.

spréidhtín: (**spréidhín**) *f.4.* spréidh bheag, teine bheag. Dá mbeadh spréidhtín fé bheadh sé ag beirbhiughadh leis: aon tsaghas beag teine. Cuir spréidhtín ar do phíp: smóilín dearg.

spreighill: *b.2.* duine nó dream táir, aon rud marbhánta, suaraidheacht, táir. Is ionmhaine leis bheith caithte 'na spreighill 'ná teine na bliadhna do sholáthar do féin: ina rud liosta, mharbh, leisceamhail. Dá mbeinn im spreighill mar thusa ach go háirighthe gan ghnóth, gan obair, do bheadh náire orm, do bheadh san: rud neamh-maitheach dom féin, neamhthairbheach do chách. Spreighill mhná go leighfeadh saidhbhreas ina lámhaibh ar nós an tsneachtaidh: bean gan aon chríochnughadh. Ní raibh aon teóra leis an meas a bhí aca orm nuair bhí ceannas agam, ach nuair fuair spreighill an fhill síos me chaithfidís a féile orm: graimrisc chluaine. Níl aon ghnóth de spreighill agam, duine anamamhail, ceólmhar atá uaim: marbhánta, dúr, mío-thapaidh. Má táir dall ar nidhthibh eile tá eólas ar an spreighill agat: suaraidheacht.

spreóitseáil: *b.3.* gearradh, smiotadh neamhshlachtmhar, cuardach. Ar bheith don ndochtúir ag leigeant an othair as an gcneadh rinne sé spreóitseáil ghránda uirthi: obair útamálach: abláil, gearradh is oscailt ná raibh cliste ná slachtmhar. Mar ar phleannc an tarbh lé n-a adhairc é dhéin sé spreóitseáil mhór ar an gcroiceann: strac is bhris é. Dar ndóigh ní sáibhéireacht atá ar an gclár so ach spreóitseáil: útamáil gheárrtha. Sin é, bí ag spreóitseáil ar an méir leis an mbiorán go laitir is go dtiocfaidh nimh innte: ag briseadh an chroicinn go neamh-chruinn, aindeis, stracaitheach. Cuireadh duaidhnéis ar na príosúnaigh toisc bheith ag spreóitseáil chun teineadh ar obair adhmaid an phríosúin: ghá snoigheadh 'sag baint scolb di. Rinne sé saghas éigin spreóitseála saoirseachta: útamáil. Beir ag spreóitseáil ar an bpáipéar san ag deargadh do phípe leis go dtí go mbeidh sé gan tairbhe agat: ag teangmháil leis is ag baint bhlúiridheacha dhe. Ní treabhadh atá déanta ar an ngort san ach spreóitseáil: abláil: leathscéal treabhtha gan slacht, gan deallramh. Ní fada bheidh ag spreóitseáil na coille ar an méid adhmaid a baintear aiste: ag smiotadh: ag gearradh: ag manntáil.

spreóitseálaim: *b.a. 7 n-a.* gearraim, teascaim, manntálaim. Spreóitseáil an dochtúir an ghéag ar fad agam nuair lannsáil sé é: ghearraidh go neamh-shlachtmhar. Ní fágfar aon choill in Éirinn ná go spreóitseálfar sara stadfar de bheith ghá mbaint: gan ródadh. Spreóitseáil an chloch ghéar mo chliathán ar fad nuair scríobas di: scramhaidh is strac an croiceann di. Ná spreóitseáil an t-arán san, gearraidh i gceart é: ná déin abláil air. Spreóitseáil gloine na fuinneóige lé barra na scine: scríob is lait. Spreóitseáil an eascú fharraige go mór ón righe anuas me, dhein sé me do scramhadh go maith: ghearraidh is strac.

spreóta: *f.4.* raidhilse adhmaid, cearchaill, smut de chrann (coille), sail, bun crainn dóighte nó dreóighte i bportach, lorga chaol. Báthadh é ag dul ag triall ar spreóta a bhí ar snámh: raidhilse adhmaid: blúire gur mhó ar a fhaid ná ar a thoirt. Tiocfaidh mórán spreótaidhe raice anois tar éis na stoirmeach so: blúiridheacha adhmaid, mar bheadh smuit de chlárachaibh. Bhailigheadh sé a mbíodh de spreótaidhibh giumhaise ameasc na bportach: bunaidheacha síon-chaithte, etc., crann. Spreóta d'fhear chruaidh láidir go bhfuil fuinneamh is neart ann: "scolb": fadhartha, éadtrom gan muirearaighe feóla air. Níl ar an mbád ach spreótaidhe ná fuilngeóchadh aon rámhaidheacht: maididhe loma-chaithte. Ní iomcharóchaidh do spreótaidhe cos thu: cosa caola, seanga, a thaidhbhsigheas éadtrom don gcorp. Cuarduigh, féach an bhfaghfá aon spreóta chuirfimís 'on teine: aon scolb nó blúire adhmaid. Is eaglach ná déanfadh an sean-spreóta céachda so aon obair: ceann go mbíonn an caitheamh dulta go mór ann. Tar éis na teineadh sa choill ní raibh ann ach spreótaidhe: bunaidheacha dóighte. Ar na spreótaidhe cos atá fé ní mór an lúth d'fhéadfadh bheith ann: cosa caola, loma. Níl mar fhrathacha ar an dtigh ach sean-spreótaidhe lobhtha: adhmadaidhe caola, caithte. Ag bailiughadh spreótaidhe raice chun teineadh: blúiridheacha adhmaid ag imtheacht leis an muir. Spreóta feóla: slaimice fada. Connus tá gach spreóta dhíot?: gach máille: gach alt id chorp.

spreótáil: *b.3.* gearradh neamh-shlachtmhar; baint scolb de, snoighe; blodhtacha, scuilb, brúscar. Chaithinn cuid mhór den lá ag spreótáil géag crann sa choill chun teineadh: ag déanamh scolb díobh. Á, stad is ná déin spreótáil ar an arán caithiseach san, is mór an náire é: ná gearraidh go haindeis é. Beir ag spreótáil ar an ndola san go mbeidh sé ró-chaol, ró-lag: ag baint scolb de. Ar a ghiorracht do bhíodar ag gabháil de tá spreótáil mhaith oibre déanta aca: poll maith curtha san iomlán. Lagóchaidh an spreótáil sin an chathaoir: an iomad snoighte. Ná bíodh sé de bhéas agat bheith ag spreótáil lé sean-mheilit scine ar gach aon bhall troscáin id thímcheall: ag snoighe is ag manntáil. Caith an spreótáil aráin sin chun an mhadra: brúscar is roileach.

spreótálaim: *b.a. 7 n-a.* gearraim, snoighim, sciolpaim, stéigim. Spreótáil leis an dtuaigh é, tá sé i bhfad ró-reamhar, níor mhór do bheith níos éadtruime agus níos caoile: stéigeáil: bain scuilb de go gcaoluighir é. Spreótáil an charraig mhéisreach mo lámha is mo chosa is me d'iarraidh greamuighthe anáirde uirthe. Spreótálais an t-arán ar chuma gur dhóigh lé duine gur tuagh a bhí agat chuige: thugais útamáil ghearrtha air.

spreótálta: *a.r.* gearrtha go neamh-shlachtmhar, sciolpaithe, stéigithe. Thugas fé ndeara mo loirgne spreótálta tar éis bheith ag gabháil orm: sciolpaidhe feóla scriosta díobh. Dá mbeadh ceann na gcuaillidhe sin spreótálta b'fhusa iad do sháthadh 'on talamh: scuilb do

bhaint díobh chun a gcaoluighthe. Ní gearr ó choilltibh na hÉireann do bheith spreótálta ar a bhfuil gearrtha dhíobh leis na bliadhantaibh: teasctha.

spriata: *f.4.* sliosta, truaghán, liaghairne, sail (fir), geannc. Is maith a luighfeadh sé isteach i spriata den phórc: geannc, cnapán. An críon-spriata níor bheag aige an bhean bhocht do chaitheamh amach ar thaobh an bhóthair i ngioll le cíos: truaghán suarach. Tamall do bhí an spriata seanduine seo go héascaidh, éadtrom ar a chois: chuirfeadh sé sean-bhun crainn portaigh i gcuimhne dhuit. An spriata bocht bhainfeadh sé deóir ón gcloich ghlais: an truaghán dearóil. Bhéarfadh oidhche Nodlag so chughainn ort sara bhfaightheá aon rud déanta amach as láimh an spriata san, gur mhór cor do chur as féin: liaghairne díomhaoin, leisceamhail.

sprid: *b.2.* taidhbhse, samhlaidhe, scáth, fuath. Níor mheasa leis sprid d'fheicsint 'ná me ar an uain gcéadna: taidhbhse a láithrigheas chun díoghbhála do dhéanamh de ghnáth i bhfuirm mná. "Ní fheadar anois cad thug an duine sin chómh fada ó bhaile" – "níl sprid ná púca gan fios a chúise féin": is aige féin is fearr a eólas san: ní bheadh sé ann muna mbeadh cúram éigin d'áirighthe. Tosach na breithe ag Dia, do bhí an diabhal air le donas ar an saoghal so agus deirtear go dtagann sé thar n-ais ina sprid: fuath ghráineamhail mar sholaoid do dhaoinibh go raibh aithne aca air. B'fhearr liom id phúca thu ná id sprid: taidhbhse mío-chuibheasach. Ní sprid a chonnaic sé go bhfuil an sceón ina radharc?: le linn scannradh mór do bheith ar dhuine.

sprinnlín: *f.4.* spréach, smól. Tá sprinnlínidhe ón ndeatach ar do hata, glan iad: smóil dhubha. Sprinnlínidhe cubhráin dhá shéideadh isteach ón bhfarraige: pleidhcidhe beaga bána: lóipínidhe.

sprioc: *b.2.* triall, ball, áit lé sroichstint, stacán, cloch, staic nó aon rud mar cómhartha teórann, triallta, cosctha, etc., ceann scríbe, ceann céide; críochnughadh. Tráighlí mo cheann sprice anois sara stadad: mo thriall: an áit atá fúm do shroichstint mo thriall. Téigheann sé thar spric ar fad nuair thagann an t-olc ceart air: thar teórainn. Cuir spric leat féin agus ná caith ach an áirighthe sin airgid: teóra: suim áirighthe do chaitheamh is gan a thuilleadh. Bóthar an-fhada rómhat agus lá beag gearra ann anois, is eaglach ná bainfir ceann sprice amach anocht: ná sroichfir do thriall. Déineadh sé a dhícheall orm agus buadhachtaint nó gan buadhachtaint raghad go ceann sprice leis: chómh fada agus is féidir liom: féachfad leis é. Cuir sprioc ina seasamh annsan, agus an té is giorra a théigheas di is aige atá caitheamh anáirde: cloch nó cómhartha éigin mar mharc caithte air. Ar thómhas na talmhan cuireadh staiceacha mar spriocacha idir an dá fhaghál tas: mar chómharthaidhe teórann. Na garsúin ag imirt airgid ar spric: cloch nó eile mar thriall: an té is giorra a chaithfeadh di is aige bheadh caitheamh anáirde, agus lé n-a linn ghoirfeadh sé "ceann" nó "cláirseach", an méid bonn a iompóchadh mar sin budh leis iad. Galán an tSagairt ina sprioc ar mhullach an Dúna: ina sheasamh go soiléir. Cad ar go bhfuilir ag baint sprice anois? ní thuigim thu: ag baint sponncáin: ag spochaireacht. Tusa an ceann sprice atá againn, treóruigh sinn ar bhealach ár leasa: ceann ródaidhe. Níl aon sprioc leat, caithir an iomad: aon teóra. Tar éis a ghortuighthe dho níor deineadh aon sprioc de mar saoileadh ná beadh mágáine air, is chuaidh sé chun anatais: níor deineadh aon chrích dhe: níor cuireadh ina dhiaidh: tugadh faillighe ann. D'imthigh sí amach uainn gan aon rud

d'itheadh lé neamh-sprioc: faillighe nó gan cuimhneamh i dtráth uirthi. Bóthar an-achrannach lán de spriocachaibh: stacáin chloch ag éirghe aníos tríd. Spriocacha na huagha (na roilige): clocha leachta, cinn: aon tsaghas curtha ina seasamh chun ionad do chómharthughadh.

sprioc-: *i gcfbh.* socair, ceapaithe. An Nodlaig an sprioc-am a bhí aca bualadh lé n-a chéile uair sa mbliadhain i gcómhnaidhe. Tá eaga a dhóthain fós aige chun díolta, níl an sprioc-aimsir istigh: an tráth áirighthe go mbeadh air íoc. Shocruigheadar an sprioc-am agus an sprioc-áit chun an mhargaidh do shighniughadh: am cinnte agus áit áirighthe. Chaill sé leath-réal ar sprioc-imirt: imirt sprice. Tá a sprioc-lá istigh, mhair sé tamall maith: lá deiridh a shaoghail mar bhí ceapaighthe dho. Thugais sprioc-thuairm do, ní mór ná gur chuiris amach go dtín lá den mbliadhain é: tuairm nách mór ná go raibh cruinn ar fad. Féach, sin sprioc-ionad a bhíos ag lucht taistil chun cur fútha: áit cheapaithe mar a bhfanann cuid mhór aca. Mise an sprioc-fhear a bhí aca chun an lóin do sholáthar: an fear go raibh beartuighthe air.

sprioc: *f.3.* cnagadh, pléasc. Níl aon bhaoghal ná go bhfuil spreacha ag gunnaidhibh móra sa chath so: cnagarnach.

spriocadh: *f.* (*-ctha*) ceapadh, beartughadh, socrughadh, spriogadh. Ag achrann 'sag áiteamh ar feadh an lae d'iarraidh uain thráthamhail do spriocadh chun an chúrsa so do chriathairt: do cheapadh: teacht air. Ag spriocadh lae teórann liom ar thógáil an tighe seo: ag beartughadh. Ag spriocadh na talmhan chun láthrach tighe: ghá thómhas is ag cur chómharthaidhthe ann. Táim ar mo chroidhe díchill ag spriocadh chun dul abhaile: ag luathughadh 'sag ullamhughadh. Ní gábhadh dhuit bheith ag spriocadh fé in ao'chor, tá sé féin teasaidhe a dhóthain: ghá ghríosadh chun bearta. Bhítheas ghá spriocadh orm é do dhéanamh, ach ar ór na cruinne ní chuirfinn chuige: ag tafant. Sé crích is deireadh an scéil é gur deacair é do chlaoidheachtaint, tá spriocadh an domhain mhóir ann: gníomh agus fonn a dhéanta.

spriocaim: *b.a.* (**spriogaim**) beartuighim, ceapaim, socruighim. Spriocaimís ar lá áirighthe chun so a dhéanamh agus bímís deimhnightheach de i slighe is ná beidh leath-scéal ag neach againn: socruighimís air. Cé sprioc orm-sa chun labhartha?: cé ainmigh me?: cé chuimhnigh orm nó a thoigh me seachas éinne eile. Spriocadh ina cheann ar an bhfoirinn é: ceapadh, beartuigheadh. Cé is dóigh leat do spriocfar chun an ionnsaidhthe do dhéanamh?: a toghfar ar áirighthe daoine. Cad do sprioc thu is a leithéid de rud ait do dhéanamh? nó ar thuigis cad a bhí ar siubhal agat?: cad a ghríosuigh thu?: cad a chuir fút? Ná sprioc anois me nó déanfad rud éigin go mbeifear in aithreachas, is furaiste cur chugham: ná corruigh chun bearta me: ná buaidhir me. Sprioc an diabhal é, gur fhág an t-amadán an bheart bhreágh, shaoráideach do bhí aige de spreang: do phrioc: do bhain é: spriog fé. Creideann sé gur spriocadh lá áirighthe dos gach nduine againn chun bás d'fhagháil: gur socruigheadh lé linn ár gcruthnuighthe é.

spriocaithe: (**spriogaithe**) *a.r.* gríosuighthe, socruighthe, ceapuighthe, beartuighthe. Tá lá a bpósta spriocaithe aca, is gach aon rud socair ina chómhair: ceapuighthe: an lá réidh. Budh cheart go mbeadh a tráth féin spriocaithe do gach traen teacht agus imtheacht:

ceapuighthe: am cinnte, áirighthe socruighthe ina gcóir. Dá mbeadh spriocaithe ar an lá againn b'fhuraiste dhúinn gach nidh do bheith i gcóir againn: lá toghtha againn agus sinn ar aon intinn go n-oireamhnóchadh sé dhúinn. Bíonn lá spriocaithe anois ann chun plúir d'fhagháil: lá áirighthe ceapaithe. Budh cheart leigeant do féin tá sé spriocaithe: tógtha chun feirge: gríosuighthe. Duine spriocaithe ón ndiabhal atá ann: eisean ag séideadh fé. Táim spriocaithe!: tógtha: gríosuighthe: ar tí ruda do dhéanamh de ríodhg.

sprionnlach: *f.1.* cníopaire, suarachán, sprionnlóir. A sprionnlaigh bhoicht, ná caith pingin ruadh nó scriosfair thu féin: duine go bhfuil a chroidhe in airgead aige. Thiocfadh an chrith ar an sprionnlach san dá scaradh sé lé pioc dá chuid: suarachán gan croidhe.

sprionn-lag: *a.* lag agus cníopach. Ruidín sprionn-lag gur bh'fhearr dho an bás do bheith aige. É sprionn-lag is ná caithfeadh scilling air féin: gortach, lag.

sprionnlóg: *b.2.* sprionnlóir, suarachán, duine gortach. Bhuail sprionnlóg mhná leis ná leigfeadh do cianóg do chaitheamh air féin pé uireasa a bheadh air: rud cruinn, cinnte gan féile. An sprionnlóg bhocht ag bailiughadh gach aonnidh chúiche, ní dóigh léi go bhfaghaidh sí bás choidhche: bochtán ina croidhe, is sainnteach chun an tsaoghail. Léan uirthi an sprionnlóigín níor thug sí déirc do bhocht ná do nocht riamh: duine beag go bhfuil a croidhe isteach ina cuid.

sprionnlóir: *f.3.* cníopaire, gadrach, gortóir, stiocaire, suarachán. An sprionnlóir níor shín sé an oiread agus pingin ruadh go dtín ndéirceóir: rud seangchroidheach. B'fhiú dhuit é d'fhaire ag tómhas na n-earraidhe, an t-eagla a bhíodh ar an sprionnlóir go gcuirfeadh sé aon bhreis air: cníopaire. An sprionnlóir cuireann sé an uile phingin tharais: duine go mbíonn rud aige agus a bhíos ag cruachadh air ar son na dúlach ann. Níor leath-líon sé an t-árus, an sprionnlóir: duine ná leigfeadh a chroidhe dho bheith fial fé haon rud. Sprionnlóir siopadóra nár thug luach leathphingne ar cáirde riamh: gortóir: duine gan aon teacht aniar in ao'chor. Níor thug sé faic d'éinne riamh agus bhainfeadh sé amach an chianóg dhéidheannach, an sprionnlóir: gadrach: stiocaire. Sprionnlóg mhná, sprionnlóir: luightheóir fir.

sprionnlóireacht: *b.3.* suaraidheacht, cníopaireacht, seangchroidhtheacht. Táir ag déanamh sprionnlóireachta ort féin, níl leath do dhóthain dhá itheadh agat: nílir ag déanamh na córa ort féin: táir ghod chiorrbhadh féin ar rudaidhibh atá ag teastáil uait. Níl leath bhur ndóthain lé n-itheadh agaibh. Ní mór go mbíonn an t-éadach féin air lé sprionnlóireacht: stiocaireacht: dúil i gcoimeád a luacha. Leis an sprionnlóireacht b'fhearr leis dul ina leath-throscadh ná lámh do chur ina phóca is a sháith d'itheadh: leis an sainnt mhairbh chun airgid do choimeád i bhfochair a chéile. Is fada an sprionnlóireacht ó n-a láimh: is é a thugas uaidh go fial: gartaidheacht: sainnt choigilte.

sprionnluighthe: (**sprionnlaithe, sprionlaithe**) *a. n-dh.* suarach, lag, neamh-fhearamhail, mion, cinnte, cníopach. Ná bí sprionnluighthe féd láimh, scaoil amach é: cumhang-chroidheach. Is sprionnluighthe a fuairis uaidh é, budh cheart do an oiread eile do thabhairt duit: suarach: neamh-thoirteamhail. Pé áit a gheóbhair, ná bí sprionnluighthe: gortach féd chuid, greamuightheach ar do chuid i gcuideachtain etc. Tómhas an-

sprionnluighthe atá aige: má thugann sé an ceart uaidh ní baoghal go dtugann sé breis. Tá cuma sprionnluighthe air, dá mbeadh croidhe chómh mór lé bó aige: righin, do-scartha fé n-a chuid. Beart sprionnluighthe dhom, nuair chuimhnighim i gceart air, é d'eiteach ar an mbeagán: neamhfhearamhail, suarach, cníopach, neamh-ghalánta. Ruidín sprionnluighthe é sin nár dhein maith ar neach riamh: go bhfuil croidhe cumhang, neamh-fhial aige. Pé ainm atá ges na daoinibh air ní ainm sprionnluighthe í: cáil ná fuil croidhe ná féile ann. Is fearr beagán sprionnluighthe 'ná mórán caillte: b'fhearr do dhuine bheith ádhbhar geairrid do féin ná bheith ró-rabairneach is ceal d'fhágaint air féin. Nách sprionnluighthe a bhí an lá libh mara bhfuil agaibh ach an tseilg bheag san: bocht: neamh-fhlúirseach. Is sprionnluighthe ghearrann sé an fheóil: beacht: gan aon bhlúire breise. Baile sprionnluighthe seadh lé féachaint air: gan aon deaghchuma air. Iasc an-sprionnluighthe atá dhá fhagháil anois, níl oiread an frighe ann: mion, neamhthoirteamhail. Sráideanna sprionnluighthe ná fuil ina gcómhnaidhe ionta ach fíor-bhochtáin: suaracha: neamh-thaithneamhacha. An fear bocht, éadach sprionnluighthe a bhíonn anois air: go mbíonn an bhruth imthighthe dhe. Ná bí sprionnluighthe ar an dtalamh: ná téighir dian air. Cad eile é ach airgead sprionnluighthe ar ainmhidhe maith: beag, suarach. Ní bhead sprionnluighthe dar fiadh, leis an té ná beadh sprionnluighthe liom: bead flúirseach: bead fial, laimhthighiseach leis.

sprionnluightheacht: (**sprionnlaitheacht, sprionlaitheacht**) *b.3.* suaraidheacht, neamh-thaithneamhacht, do-chroidheacht, stiocaireacht, neamh-ghalántacht, neamh-fhearamhlacht. Lé sprionnluightheacht ní thabharfadh sé faic dá mháthair is í do bheith ina cheal: caoile is cumhainge croidhe. Níor chuir sé luid den éadach air féin lé sprionnluightheacht: dochma an t-airgead go bhfuil an oiread dúlach aige ann do chaitheamh. Chaitheas uaim an méid do thug sé dhom lé n-a sprionnluightheacht: a luighead: oiread is ná raibh aon mhór-chroidheacht ag baint leis. D'fhág sé iad lé sprionnluightheacht an bhídh: neamhfhairsinge: an chaol-chuid des gach aonnidh. Ní glacfaí in aon áit leis lé sprionnluightheacht a chuid éadaigh: gan cuma mhaith ná cóir do bheith air. Ar sprionnluightheacht na sráideann d'aithnigheas go rabhas i mbaile bocht: neamh-thaithneamhacht: neamh-shlachtmhaire. Lé sprionnluightheacht a bhailigh sé an carnán airgid: bheith geairrid do féin, dian i margáintidhibh agus cumhang air féin ag scaramhaint lé hairgead nó a luach. Chaith sé seachtmhain ar laetheantaibh saoire linn agus i rith na feadha san níor fhiafruigh sé d'éinne lé sprionnluightheacht má bhí béal air: do-chroidheacht: coimeádtacht: ceal laimhthighiseachta.

spriúchadh: *f.* (*-chta*) fliuchadh, lasadh, scaipeadh. Beidh sé ag spriúchadh lé feirg nuair chloisfidh sé cad tá déanta air: ar fliuchaidh, is ag caitheamh sheilidhe. Ná bí ag spriúchadh chugham-sa, aon chúis níl agat orm: ar fhliuchaidh chugham: ar lasadh lé holc. Ag spriúchadh an fhéir lé n-a cheann: ghá chaitheamh san aer.

spriúchaim: *b.a. 7 n-a.* caithim, scaipim, raidim; cuirim gothaidhe feirge orm, fliuchaim (fearg), stalcaim. Do spriúch sí ar an dtoirt nuair chuala sí nár thaithneamhach na hainmeacha a tugadh uirthi, ní mór go bhféadfadh sí focal den gcainnt do chur di: ní thuigfeá in ao'chor í le fotharaga cainnte is feirg. Spriúch an tarbh an claidhe fód san aer lé n-a adharcaibh: chaith. Spriúchann sé an biadh lé n-a chosaibh ar fuaid an úrláir: raideann is scaipeann. Ná spriúch chugham-sa, ná bí ag tómhas do dhuirn liom: ná bí ag

cur gothaidhe troda ort liom. Is beag an braon a bhíonn caithte aca nuair spriúchaid, is ní hiontaoibh bheith ina gcuideachtain: cromaid ar chlampar.

spriúchálaidhe: *f.4.* duine a chuirfeadh seilidhe lastuas díot is é ag cainnt leat, a bhíos tuathalach lé n-a ghéagaibh. Aon fhocal ní thuigfinn ón spriúchálaidhe sin, bíonn cubhrán leis is é ag cainnt: saothar cainnte is seilidhe air. Spriúchálaidhe coisidhe seadh é, ní mór an talamh a bhéarfadh sé leis: go mbíonn a chosa ag imtheacht thall 'sabhfus air.

spriús: *f.1.* anamamhlacht, mire, ceolmhaireacht. Níl aon truagh aige dá ghéagaibh, tá spriús ionta: smior: fulang agus neart. D'éirigh rud éigin cóir agus maith dho, tá sé lán de spriús indiu: anam: beódhacht. Adhmad gan aon spriús atá ann, ní mhaireann sé i bhfad sa teine: buancas: níl aon bhaint siar ann.

sprochadh: *f.* (*-ctha*) goid, fogha, teascadh, gearradh. Ag sprochadh an aitinn: ag baint na ngéag sillteacha. Ag sprochadh ghabáiste: ag bearradh na nduilleóg íochtarach chun a neartuighthe. Ráiseanna ná beadh i bhfad ghod sprochadh mara mbeifeá aireach ag bailighadh do phingnidhe uait: ghod dhealbhadh. Ag sprochadh aon ruda: ag baint aonnidh a bheadh ar silleadh leis de, mar ciumhais éadaigh bheadh ag snoighe, fál a bheadh ag fás fiadhain, etc. Ag sprochadh sparán do chaith sé a shaoghal: ag fogha is ag fuadach as. Bhagair sé sprochadh air má bheadh aon bhaint lé n-a inghin aige: é do choilleadh.

sprochaid: *b.2.* adharc ar rud, spor, spiara, scéimh ar aon rud. Bíonn sprochaididhe ar phléasclach d'aon ghnóth chun buailte ortha: fadharcáin mar bheadh adharca. D'fhás sprochaid ghránda ar bhrollach an chapaill: mar bheadh cnapán cruaidh éirighthe amach ón gcroiceann. Sprochaid ghéar ar an gcarraig ná féadfainn greamughadh uirthi: éirghe amach. Sprochaididhe ar a shálaibh ó bheith ghá smiotadh ar stacánaibh cloch: fadharcáin chruadha tagtha ortha.

sprochaim: *b.2.* coillim, scriosaim, foghaim. Sproch an imirt me, chailleas gach cluiche: dhealbhuigh: níor fhág tada agam. Cártaidhe is cur geall do sprochfadh thu: a árdóchadh airgead uait.

sprochaire: *f.4.* coillteóir, scriosaire, bearrtóir. Siad na sprochairidhe iad, a shaoire cheannuighid agus a dhaoire dhíolaid: robálaidhthe. De ló is d'oidhche sprochairidhe i mullach cinn orm gan aon chairde ag lorg fiach: dian-éilightheóiridhe. Aon chao, aon dul a gheóbhadh an sprochaire sin ort bheadh do chuid aige: bitheamhnach.

sprochall: *f.1.* sceólbhach coiligh, an sprochaid ar shróin turcaidhe, sprogaille, preiceall bó, aithsmeigín, iogán, roc (feóla), smut sillteach d'éadach. É chómh beathuighthe sin anois go bhfuil sprochaill fheóla air: ruic snaidhmeanna reamhra. Cnapán mór ar a mhuineál ina sprochall ar silleadh leis: mar bheadh sparán. Ó chluais go cluais san áit go raibh sé tinn tá sprochall fé n-a chorrán: feóil ina roc ann. Bearraidh na sprochaill sin ar do ghúna: giobail ar silleadh leis. An chasóg ina sprochall ort: ró-fhlúirseach, ró-fhairsing. Is diail an sprochall builg atá air: bolg mór go mbeadh feóil ina rocaibh air. Sprochall beag as phus an éisc: mar bheadh athfhás.

sprochallach: *a.* aithsmeigíneach, rocach. An muineál sprochallach atá air: fillteacha trom feóla bailighthe air. Bíonn ceann sprochallach ar thurcaidhe: athfhás amuigh air. Bó fheólmhar, sprochallach sleamhanc trom feóla idir a cosaibh tosaigh. A bholg ina sprochallach, slán mo chómhartha, síos idir a dhá chois: ag tuiteam anuas ina sparán aindeis.

sprot: *f.1.* iasc beag mion de chineál an scadáin, graimrisc, díoscar. Dá mbeadh aon mheas agat ort féin ní bheadh aon bhaint agat leis an sprot san, nách fiú iad glanadh do shean-bhróg: dríodar: grascar. An claon-sprot a bhí ghár riaghalughadh leis na ciantaibh: dream úiríseal, cam, cealgach.

spruacach: *a.* peatamhail, leanbaidhe. Ó, ní gábhadh dho bheith chómh spruacach is go dtógfadh sé focal seóidh ar dhuine, níor meádhadh faic leis: leanbaidhe. Ní mór duit bheith an-chneasta léi, tá sí spruacach, is thógfadh sí an rud is lugha riamh ar dhuine: claon lé peataidheacht. Mara bhfaigheann sí gach nidh ar a toil bíonn sí spruacach: crosta, so-churtha chun mí-chéadfaidh.

spruadar: *f.1.* brúscar, smúit, blodhtacha. Dhéanfadh sé spruadar ded chnámhaibh dá bhféadadh sé é nuair thagann an t-olc air: brúscar. Nuair thuit an tigh i ngabhal a chéile deineadh spruadar den a raibh istigh ann: blodhtacha, mionramh. Deineadh spruadar dá lorga nuair thuit sé leis an ngleann: briseadh is brughadh í. Spruadar cloch anuas ón bhfaill chnuic tuitithe ar an mbóthar: mionbhrúin.

spruan: *f.1.* blodhtacha, mionramh, brosna, cipínidhe teineadh. Bhailigheas spruan sa choill is dheineas teine: cipínidhe is tuigidhe. Gheóbhfá spruan adhmaid ar barra taoide tar éis stoirmeach: cipeadarghail.

sprúille: *f.4.* blúire, blodh, brobh. Sprúille níor fágadh lé chéile den dtrucaill nuair thuit sí 'on ghleann: blúire beag: deineadh blodhtacha dhi. Níor fágadh sprúille den arán nár hitheadh: níor fhan an brúscar féin. Na gaibhne ag bailiughadh gach aon sprúille iarainn a fhéadfaidís anois: lótaidhe: blúiridheacha. Fág sprúille éigin feóla agam-sa, nách ort atá an t-ampla chúiche: giota beag éigin.

sprúilleach: *f.1.* fuighleach, brúscar. Ag tabhairt sprúilligh an bhídh don gcailín: an brúscar fuighligh. Ní mór é bhur meas ar bhur mbuachaill mara bhfágann sibh aige ach an sprúilleach: an dríodar. Na sicínidhe ag itheadh sprúilligh aráin: brúscar.

sprúsamhail: *a.* néata, gasta, críochnamhail. Beainín ghleóidhte, sprúsamhail gur bhreágh leat dul isteach ina tigh: críochnamhail: gach aon rud go néata, fáiscithe aice tímcheall a cúraim. Tá cuma sprúsamhail ort sa chulaith nuadh san: slachtmhar: fuinte: snasta.

sprúsamhlacht: *b.3.* néatacht, gastacht, críochnamhlacht, slachtmhaireacht. Cad é an fuadar atá fé n-ár mbuachaill indiu go bhfuil an sprúsamhlacht ar fad tímcheall a phearsan?: slachtmhaire, néatacht is glaine.

spuaic: *b.2.* gruaim, spreag, taom míchneastachta, stuaic, splinnc. Chómh hárd lé spuaic an tsáipéil mar sin ón dtalamh seadh bhí sé déarfainn: an chuid is aoirde den dtúr. Ní deacair spuaic do chur air, is beag a déarfá leis nuair ná taithneóchadh sé leis: míoghnaoi. Tháinig spuaic air chugham toisc ná caithfinn mo chuid aimsire ina fhochair ghá mhúineadh: tormas is mío-ghnaoi. Bearraidh an spuaic de bhuaiceas an lampa: an spor. Cad a chuir an spuaic sin ar do chuislin?: riasta, rian mar fhanann i ndiaidh buille. Tá spuaiceanna ar mo lámhaibh ó bheith ag rámhaidheacht: cluig.

spuaiceach: *a.* splinnceach, árd, spiarach, tormasach, fiaránach, leacach. Buinn mo chos spuaiceach ón dtalamh: an croiceann cruaidh ortha. Binn tighe spuaiceach: ag éirghe árd, caol, spiarach. Ní mór gur féidir féachaint cam indiu air, tá sé chómh spuaiceach san: fiaránach: mío-ghnaoidheach. Ní féidir greann ná seódh do dhéanamh leis, caonaidhe róspuaiceach atá ann: gur furaiste míoghnaoi do chur air.

spúirseach: *b.2.* sean-mhaighdean; aindeiseóir baineannaighe. Ní spúirseach í ná go mbeadh clann aice: bean thar aois clainne. D'fhan sí ina spúirsigh: níor phós riamh. Spúirseach bó: bó mhór, throm, aindeis.

srac-, strac-: *i gcfbh.* casta, fiar, leathach, teannuighthe, Níor thaithnigh liom in ao'chor an tsrac-fhéachaint do thug sé orm: féachaint ghrod, infhiúchach i leathtaoibh. Bíodh srac-fhéachaint agat suas an tsráid ar eagla go dtiocfadh éinne i nganfhios dúinn orainn: féachaint ghrod ó am go ham. Bíodh srac-fhéachaint agat ar an gcapall san go bhfillead: súil anois agus súil airís. Ar a ghiorracht atá sé ag gabháil den dteangain tá srac-eólas aige uirthe, go deimhin: eólas cuibheasach. Tabhair srac-shúil ar an leabhar so agus innis dom cad é do mheas air: déin léigheamh air gan dul ró-dhoimhin air. Fuaireas srac-shúil ar an luing is í béal an chuain amach díreach: amharc grod. An bhfuil sé srac-shúileach mar siúd riamh? ní bheadh a fhios agat an ort a bheadh sé ag féach: fiar-shúileach: cor ionta. Ní bheadh aon iongadh orm tú do bheith i ndán é do dhéanamh ná fuil srac-thaithighe mhaith agat anois air?: taithighe cosamhail. Agus a rádh go bhfuil sé annso chómh luath so tá srac-shiubhal maith déanta aige: coisidheacht chosamhail go leór. Bheadh srac-chodladh déanta agam mara mbeadh an gleódh go léir a bhí ann, a mhúsclóchadh mairbh as uaigh: cuibheasach fada. Cuireann sé srac-uaigneas orm teacht 'on pharróiste ar a luighead daoine atá ann anois: uaigneas nách beag. Chaith sé srac-thamall ag áiteamh ortha go raibh an mí-cheart aca: tamall fada go leor. Is iomdha srac-iarracht tugtha fén gcathair do ghabháil ach tá ag teip fós ortha: iarrachtaidhe diana go maith. Thug sé srac-léim chun dul treasna: léim ghrod.

sracadh: (**stracadh**) *f.* (*-ctha*) réabadh as a chéile, tarrac, sciobadh, snapadh, greamughadh, scoltadh, baint, stathadh; seal, uain, babhta. Tá an oiread san uilc air chughat má gheibheann sé greim ort go ndéanfaidh tú do sracadh as a chéile: é do scaramhaint lé n-a chéile ina bhlúiridheachaibh. Ghom sracadh féin as a chéile lé hobair is gan puinn dhá bharr agam: stolladh: ag saothar go ró-dhian. Tá sracadh mór id thriubhas mar ar cheangail an tairnge ann: scoilt fhada neamh-ionann. Ná bídh ag sracadh an bhídh ó chéile: ghá shnapadh nó ghá sciobadh: gach éinne is ampla air d'iarraidh breis do bheith aige ar chách. Fuair an sionnach sracadh gráineamhail ón gconairt: stolladh:

rinneadar géiridheacha dhe. Is deacair dom puinn do dhéanamh i gceart nuair bhíonn sracadh thall is sracadh abhfus orm: gnóth ghom tharrac annso is gnóth ghom tharrac in áit eile. Bain sracadh as an dtéid sin d'fhéachaint an bhfuil aon neart mór innte: tarrac grod. Baineadh sracadh as bhun casóige agam agus d'fhéachas tharm féach cé dhein é: stathadh: tarrac. Beidh sracadh fós ar an iasc san pé mhairfidh leis, dá mhéid an droich-mheas atá anois air: éileamh mór. Bíonn sracadh ar phlúr nuair bhíonn sé ann mar nách minic do thagann: tógáil thapaidh: sciobadh: daoine ag rith lé chéile chuige. Bhain a bhfeaca sé d'airgead ina chruachaibh sa bhannc sracadh as a shúilibh (radharc): leathadh: chuir sé an oiread san iontais air gur oscladar go fairsing. Sara mbeidh deireadh leis an gcúrsa-so aige cuirfidh sé sracadh ina bholg: déanfaidh sé buadhairt do. Ó, mo lá dóighte é, is air siúd a bhí an sracadh gan bheith ann: an tinneas agus an t-imshníomh. Tá sracadh maith bainte as an saoghal aige, ná fuil sé coraidheacht agus na ceithre fichid: seal maith, fada. Ag sracadh na ngéag asam féin leat: ghá stathadh: ag obair go ró-dhian duit. "Connus tá agat?" – "ag sracadh an tsaoghail liom": ag tuargaint leis: ag saothar ar mo dhícheall chun maireachtana. Ag stracadh na ngas: ghá dtarrac as a bpréachaibh. Ní bhfaighfeá pingin uaidh gan í do sracadh as: do bhaint de dá aindeóin. An dá mhadra ag sracadh a chéile: greamuighthe ar a chéile is ag stolladh. Anois nó riamh tá a thón anáirde ag an iomard so, is fada ag sracadh leis an ndonas é: an aindeise agus an mío-ádh ag gabháil de. Aon nath níor bh'eadh aige crann do sracadh as a phréachaibh lé neart: do stathadh, do tharrac glan. Budh bheag air tu do sracadh ina dhiaidh ins an lathaigh: do tharrac go neamh-chneasta. Ar thugais fé ndeara, slán mo chómhartha, an sracadh atá ina leathbhéal?: tarrac nó teannadh ar leath-taoibh. Beifear ghá sracadh san fós ambliadhna ó n-a chéile: beidh éileamh is glaodhach air.

sracadghail: (**stracadhghail**) *b.3.* tarrac is slaodadh. Deinim sracadghail oibre d'aindeóin mo bhacaighe: bím ag casadh lé hobair: déinim ádhbhar cuibheasach di d'aindeóin mo chiotaighe. Déinid sracadghail chodlata sa tsamhradh, ach ní mór é ar a mhoiche bhíd ina suidhe gach maidean: néallacha gearra. Ar an sracadghail a bhí dhá bhaint as an ndaradha níor bh'fhuláir nó iasc maith láidir a bhí air: iarrachtaidhe daingne. Ag sracadghail leis agus sin a bhfuil ann: d'iarraidh an tsaoghail do chur de. Sa sracadghail dóibh baineadh leagadh trom as dhuine aca: iomrascáil.

sracaim: (**stracaim**) *b.a. 7 n-a.* réabaim, stollaim, stróicim, tairngim, creachaim, stathaim, bainim ó phréimh. Chuaidh ronn deilgneach ceangailte ionam is strac sé mo chuid éadaigh: réab: do dhein scoilt nó gearradh aindeis ann. Strac sé an téad amach as mo láimh leis an iarracht do thug sé: thairng go grod lé foirneart í. Gála chómh han-thréan san dob eadh é gur strac sé crainn mhóra aníos as an dtalamh: ós na préachaibh thóg iad. Ní stracfadh do dhícheall mór airgead as lé n-a righne agus a sprionnlaitheacht: ní bhainfeadh as. Ní raibh ionam mé féin do stracadh asta: a gcuideachta d'fhágaint. Ná sáidh thu féin in aon pholl nách féidir leat thu féin do stracadh as: ná tairng aonnidh ort nách féidir leat teacht as. Gach aon rud réidh anois strac leat: seo ar aghaidh thu. Choidhche ní stracfaidh an bád amach as an gcuan é: ní bheidh sí i ndán teacht agus a dícheall do dhéanamh. Stracfar as a chéile thu má fhaightear amach cad tá déanta agat: stollfar, stróicfear: ní fágfar pioc díot lé chéile. An diabhal go stracaidh as a chéile me! má bhí lámh ná ladhar agam ann: nár fhágaidh meidhil beó dhíom lé chéile. Strac sé an tigh as a chéile ghá lorg, ach budh bheag an mhaith dho san ní bhfuair sé a thamhas ná a

thuairisc: chuarduigh sé árd is íseal de. An dóigh leat go stracfair thríd? beidh sé árd-dhian ort: go dtreabhfair: go n-éireóchaidh leat lé duadh mór. Ná strac me!: ná bain stathadh obann asam. "Stracfadh sé seithe leathair", deirtear lé duine ná seasuigheann éadach i bhfad leis. Stracfaid na dúthaighe as a chéile sara stadaid den gcogadh so: déanfaid ropach: dochar is díoghbháil mhór. A mhic ó, budh gheairrid an mhoill agam-sa thu, do stracfainn an ceann as an muineál agat: lé neart dhéanfainn pé nidh budh mhaith liom leat. Strac an tuinncéir ar cheann a bhean leis: thairng ina dhiaidh í is greim cinn aige uirthi. "Táid anois is 'strac mo spadlach' aca air": iad ghá tharrac ó chéile, gach n-aon aca d'iarraidh na breise do bheith aige féin. Bheadh go leór fós ann mara mbeadh gur strac gach éinne leis é: a lámh ag cách ann ghá árdach chun bóthair.

sracaire: (**stracaire**) *f.4.* réabthóir, tairngtheóir; fear bríoghmhar, láidir; stollaire, duine go lom-éadach. Cár bhuail an sracaire leat?: duine go mbeadh éadach giobalach air. Árd-sracaire fir, ambaiste, atá déanta dhe: fear déanta, fuinneamhail. Sracaire maith ar dhá mhaide (rámha) atá ann: fear go bhfuil buille maith, bríoghmhar aige. Indiu tá sracaire taoide ann: taoide láidir go bhfuil fuinneamh fúithi. Cuireadh sracaire de chapall mhaith fén ualach ná raibh aon stailc ann: capall fuinneamhail a bhí i ndán tarrac. Nách tú an sracaire, fan réidh: duine a ghníos rud ina thaomannaibh.

sracaireacht: (**stracaireacht**) *b.3.* tarrac grod preibe, réabadh, stolladh, stróiceadh, sciobadh, fáscadh, súgradh; deallramh stróicthe. Aon chall níl lé bheith ag sracaireacht, tá bhur ndóthain mór go léir ann: ag tarrac ó chéile: d'iarraidh bainte dá chéile. Ag sracaireacht airgid ós na daoinibh, gach lá iad sa chúirt aige: ghá fháscadh asta. Ná bí ag sracaireacht orm, cad dob áil leat díom?: ag baint stathaidh as mo chuid éadaigh. Ní gan sracaireacht a shroicheamair ár suidheacháin, gach nduine d'iarraidh tosach do bheith aige: sáthadh, brughadh is tarrac grod. Ní dhéanfaid sin aon díoghbháil, ag sracaireacht ar a chéile atáid: ag súgradh: ag déanamh seóidh is grinn. Bíonn an iomad stracaireachta fén ualach aige: ní thairngeann sé réidh, mín.

sracaithe: (**stracaithe**) *a.r.* tairngte, réabadh, bainte as phréich, creachta, scriosta, stollta, stróicthe, stoithte. Bheifeá sracaithe as a chéile ag obair dóibh is gan aon bhuidheachas aca ort: gan luid lé chéile dhíot ag duadh agus clampar. Na géaga sracaithe asam d'iarraidh é do chosc ar rith: stollta asam. Beidh do chuid sracaithe chun siubhail ges na madraidhibh mara dtugair aire dho: árduighthe an bóthar. Is cosamhail ná fuil an saoghal ar mhuin na muice aige bíonn sé an-sracaithe anois: a chuid éadaigh stollta, stróicthe. Farraige sracaithe indiu ann, ní haon lá chun iascaigh é: briste. Aimsir sracaithe ón bhfarraige gan aon fhás innte: briste: fiadhain, gaothmhar, ceathach. Mo thuairm go bhfuil sé an-sracaithe fé láthair, níl aon deaghchlódh air: bocht, dealbh. Fágfaidh an rabairne is an laimhthighis pócaidhe sracaithe agat: dealbh, gan luid ionta. Cómhartha dainnséir annso, tá an bóthar sracaithe ann: an bonn bainte as chun a dheisighthe. "Súil sracaithe!", deirtear lé duine go mbíonn cor ina shúil, nó an t-imeall teann uaithi. Dúthaigh sracaithe anois í ag an gcogadh so: trí chéile, deighilte, in achrann. Aon iasc ní raghadh id líon tá sé an-sracaithe: an snáthach (na mogaill) scartha, briste ó n-a chéile: stollta. Dá mbeadh an hata sracaithe dhe, chuirfeadh sé ar buile é: sciobtha, bainte dhe go grod dhá aindeóin nó i ngan fhios do. Bhí sé sracaithe amach as an dtigh ges na saighdiúiridhibh sara raibh eaga labhartha agam: tairngthe go grod, neamh-mín.

sracaitheacht: (**stracaitheacht, stracuightheacht**) *b.3.* réabthacht, giobalaidheacht, créachtacht, stolltacht, stróiceacht. Ní fiú an líon san do chur ’on uisce lé n-a sracaitheacht, ní bhéarfadh sé ar aon iasc: stolltacht: a bhristeacht. In aon áit dár ghaibh sé ar lorg oibre tugadh an diúltadh dho le n-a sracaitheacht: giobalaidheacht: olcas a ghabhála. Sracaitheacht na haimsire a choisc sinn ar theacht ar an míntír: bristeacht: sceamhacht. Beidh sé deacair aon tsaothar curadóireachta do dhéanamh ar an dtalamh ann lé n-a sracaitheacht tar éis an chogaidh: a laititheacht.

srádaidhe: *f.4.* duine tugtha do shiubhal sráideann go neamhchúramach, bean choitcheann. Is fearr leis bheith ina shrádaidhe ocrach ná maireachtaint fén dtuaith.

sraic: *b.2.* tarrac, speal, tamall, blúire, roinnt. Chonnac sraic adhmaid ar snámh an-dhoimhin: bloc fada, trom. Leig dom sraic (chodlata) do dhéanamh tá na súile ag iadhamh dem aindeóin orm: néall: seal ná beadh ró-fhada. Bain sraic as an mbuidéal, ach, ar do bhás, ná cuir go tóin é: slogadh: tarrac. Ní dhéanfadh sraic oibre aon díoghbháil dho anois agus airís: speal oibre. Bain sraic eile as an bpíp, ná bíodh aon truagh agat di: bain do dhóthain seach aiste.

sraice: *b.4.* cur lé chéile clár, plannc, bloc, barraillidhe, etc. in ionad báid lé linn broide; stráice mór trom adhmaid; mórán adhmaid ina ndlúimh scaoilte lé habhainn ó ionad a bhainte go hionad a úsáidte. Is cuimhin liom an long mhór nuair bhuail sí ar an bhfochais go n-imthigh sí ina sraicidhibh: staicidhe móra, troma. An t-adhmad coille ag gluaiseacht anuas ina shraicidhibh troma ar an abhainn fé dhéin an mhuilinn: na bluic ceangailte ina ndlúimh mhóir.

sráid: *b.2.* bóthar nó slighe ar thighthibh i mbailtín nó i mbaile. Is mór go léir an fear sráideann é: an-cheanamhail ar bheith ag turasadóireacht ar an mbaile mór. Fág fé bhleaigeárd sráide nó scoláire tuaithe é: an rud olc ná fuil foghlumtha aca san ní fiú a áireamh. “Ná ar mhargadh na saoire, im shuidhe cois balla, im scaoinse ar leathtaoibh sráide”: ar na leacachaibh gan faic lé déanamh. Ní raibh sé ag teacht ar shráid an Daingin fear ná go raibh sé chómh maith leis: go baile an Daingin. Sráideanna coimhtheacha is pócaidhe follamha: go bocht i mbailtibh iasachta. An raibh prátaidhe ná coirce ar an sráid indiu?: dhá dhíol. Chuireas díom mo chuid éadaigh sráide: an t-éadach is fearr agam. “...agus go dtugaidís do go laetheamhail cuid aráin as sráid na bhfuinneadóir nó go gcaithtí arán na cathrach eile etc.” (Jer. XXXVII. 21). Gheóbhaid éigeas sráide trácht air i Luimneach anois gan mhoill: amhránaidhthe bailte móra ghá chanadh go fairsing agus go minic. Dhéanfadh sé ar bholg na sráide é gan aon scáth: go poiblidhe. Mar a mbeidh sráid thighthe fós aige ar an ndul chun cinn atá dhá dhéanamh aige, is mór an iongadh liom é: raing mhór fhada. Copóg sráide: fiadhaile mór-dhuilleógach.

sráideóg: *b.2.* brat úrláir, etc., clúdach. Sráideóga ar úrláraibh ann go raghfá go halt ionta: bruit. Sráideóg don leabaidh: clúdach.

sráideóir: *f.3.* duine a ghnáthuigheas sráideanna, gur taithneamh leis bheith ghá dtaisteal. Níl aon teóra leis mar shráideóir, trí huaire sa tseachtmhain téigheann sé ’on bhaile mhór:

duine gur b'é a ghean bheith ag sráideóireacht. Furmhór a shaoghail caithte ina shráideóir aige: díomhaoinidhe baile mhóir. Is éigean do shráideóiridhibh na cathrach luathughadh abhaile ist oidhche toisc ná bíonn córacha iomchair lé fagháil tar éis a deich: lucht siubhalta sráideann. Ó cuireadh ó chríoch í dhein sráideóir di: ag siúl sráideann ar son a beatha.

sráideóireacht: *b.3.* siubhal nó taisteal sráideann. Dhéanfadh sí na mílte sráideóireachta d'iarraidh earra d'fhagháil saor: taisteal ó shiopa go siopa. Tnáidhte táim ón méid sráideóireachta atá déanta agam ó mhaidean: taisteal ó shráid sráid. Cuirimís uainn sráideóireacht agus téighimís abhaile: ag siubhal tímcheall gan chúram. Rinne sé a dhóthain sráideóireachta lé n-a linn: tamall mór ag gnáthughadh bailte móra. D'imthigh sí le sráideóireacht: ina mnaoi choitchinn.

sráidín: *b.4.* sráid bheag; baile beag. Níl ann ach sráidín de bhaile: ceann beag.

sraimín: *f.4.* meath-éadach, balcais caithte i leathtaoibh, éadach droichdhéanta. Tá do chasóg ina sraimín leat: ar silleadh: gan déanamh córach uirthi. Sin casóg mhór, agus beir leat nách aon tsraimín í: ball déanta de mheath-éadach. Ní bhíonn dhá dhíol sa tsiopa chéadna san ach sraimín ná caithfinn: éadach gan puinn mianaigh.

sraith: *b.2.* an méid féir, arbhair, etc., a baintear lé buille speile agus a leagas an lann ar thaoibh; raing nó líne fhada d'aon rud; cíos, cáin, méirse, cúiteamh, íoc; seisceann, muing. Bíonn seacht sraith ar gach iomaire aige: bladhgar an domhain eile aige as a chuid. Is olc an aimsir sraithe ag coirce an aimsir fhliuch so: é bheith bainte sínte lé n-a thiormughadh. Na fir ina dhá sraith ullamh, réidh chun gluaiste: dhá líne fhada. Cuireadh sraith chloch ar bharr an chlaidhe: líne díobh. Fir dhá threascairt ina sraithibh: dhá leagadh go hiomadamhail. Níor mhór do lá sratha: sínte, leathta amach chun tiormuighthe. Baileófar sraith na Cásca don sagart: cáin a buailtear ar gach tigh. Caithfir sraith do dhíol as fhoghail na gcaorach: scot. Cuirfear isteach i sraith na conntae costas an bhóthair do dhéanamh: an tsuim airgid do buailtear leis an lucht ceannais ar mheastóireacht bliadhantamhail sealbha dhuine. An fear cíosa agus an fear sratha is gach aon fhear éilimh eile: an té a bhailigheas an cháin. Sraith na mbocht: an tsuim a buailtear chun a gcothuighthe. Móin ar sraith: scaoilte, leathta amach chun a tiormuighthe. Trucaillidhe ina sraith aníos taobh na sráide: ina líne fhada. Ceann Sraithe: ceann tíre ar earball cnoc. Sraith chnoc ó Thraighlí go dtín Blascaod: raing, líne.

sraithte: *a.r.* leathta amach, bainte lé speil, etc., sínte ina shrathaibh. Na céadta mílte fear sraithte sa chath san lé seachtmhain: sínte marbh go hiomadamhail. An gort síol féir sraithte aca um thráthnóna: bainte lé speil nó inneall. Dá mbeadh na héadaighe sin sraithte bheidís ag tuaradh: leathta amach.

srann: *b.2.* tarrac trom, glórach anáile trí chodladh; glór do dhéanamh lé sughadh agus séideadh aoir go láidir tríd an sróin; glór garg a ghníos capall trí n-a choininn lé faitchíos nó eagla, crónán píbe; seórdán gaoithe; néall codlata. Nuair bhraith an capall an rud fé n-a chosaibh leig sé srann agus léim. Nuair baineadh sceit as an gcapall leig sé srann agus as go bráth leis fén sráid: rinne sé glór láidir trí n-a shróin. Cad tá anocht air, b'annamh leis

bheith chómh ciúin, níl aon tsrann as: aon ghlór in ao'chor. Dhein sé srann nuair iarradh air seasamh: gnúsghail throm lé míoghnaoi. Bíonn srann ag an ngaoith ar shreing roinn: crónán binn cómhnaidhtheach. Is mithid dom srann do dhéanamh, táim im shuidhe ó n-a ceathair a chlog ar maidin: néall éigin chodlata. Leig sé srann feirge: gnúsghail láidir trí n-a shróin. An tsrann gháiridhe a bhí air fúm lé háthas ceart: gáiridhe go raibh gnúsghail ge n-a shróin. Chloisfeá a shrann an bóthar síos: an glór srón lé linn a chodlata. An tsrann do leig an tarbh scannróchadh sí thu: an tsmúsghail a dhein sé trí n-a shróin lé feirge is fonn ionsaidhthe.

srannadh: *f.* (*-nta*) do dhéanamh srann; smúsghail lé feirg, eagla nó trí chodladh; crónán, smúsghail. Dhein sé srannadh míchéadfaidh ar bhfeicsint an chlóidh a bhí ar an dtigh do: glór trí n-a shróin. B'fhearr leis bheith ag srannadh gháire fúm ná cabhair do thabhairt dom: ag gáiridhe is ag déanamh glóir trí n-a shróin. Srannadh na gaoithe ameasc na gcrann: an glór éadtrom a ghníonn na duilleóga dhá chorruighe. An srannadh mín atá ag an inneall budh chóir go mbeadh sé go maith: glór binn cómhnaidhtheach.

srannán: *f.1.* glór srón i gcodladh, feadhghail shrón, seórdán, glothar scórnaighe. Ní fhágann srannán é ag an múchadh atá air: seórdán. Is é srannán an bháis atá ina scórnaigh: glór duaibhseamhail anála. Ní léir dom go ró-mhaith ag cainnt é, tá srannán ann: seórdán ar a úrlabhra. Ní maith an cómhartha ar an inneall so an srannán atá ann: gan é ag bualadh go mín. Cuir uaim an srannán ach ith do chuid, ró-mhaith dhuit atá sé mar bhiadh: ag smúsghail lé míothaithneamh don bhiadh. É ag srannán ar nós na muice: smúsghail ghlórach trí n-a chodladh.

srannaim: *b. n-a.* déinim glór garg anáile, srón, crónánaim. Shrann an capall nuair bhain an madra geit as: dhein sé glór garg trí n-a coininn lé faitchíos. Sin é srann ar gach aonnidh deirim-se: déin glór míchéadfadhach. Do shrann an ghaoth tríd an nduilleabhar: dhein sí glór seórdánach.

srannánach: *a.* seórdánach, múchta, ceóchánach, smúsach. Cad chuir an slaghdán ort? táir srannánach: glór tachtaithe id scórnaigh. Tá gaoth ged phíp, is srannánach liom mar tá sí: glór trí n-a chois lé linn a thairrc. Beir srannánach ó bheith ag cainnt: ceóchánach: ciachánach. Chómh srannánach le muic: ag déanamh glóir lé sástacht nó trí chodladh mar níonn muc.

srannfach: *b.2.* (**srannfaighil**) do dhéanamh srann. Ná bíodh aon tsrannfach ort ach déin é: ná bí ag déanamh glóir tríd shróin in aghaidh an ruda atá lé déanamh agat. Tá fuacht fachta ag an gcapall ar an srannfaigh atá air: an sughadh is an séidfaghail tríd an sróin. Um an dtaca gur éirigheas bhí srannfach agat: ag glórghail go ceólmhar tríd shróin id chodladh.

srannfairt: (**srannfartach**) *b.2.* do dhéanamh srannghala. Braitheann an capall rud éigin a chuireann eagla air go bhfuil sé ag srannfairt: séidfaghail, sughadh. D'fhanfadh sé go headarshuth bó ag srannfairt: ina chodladh go glórach.

srannfartach: *b.2.* glór cuininne trí chodladh. Ag srannfartaigh do féin go sámh: ina charn codlata is ag déanamh mór-ghlóir.

sranntán: *f.1.* glór srón trí chodladh, crónán. Tháinig sranntán gaoithe: an oiread agus bhain fuaim as rudaidhibh. Go minic bíonn sranntán ar an gcraolachán agus ní bhíonn sé ró-shoiléir: glórtha aoir ag cur isteach ar an bhfuaim.

sraod: *b.3.* níneáil. Sraod de shróill dheirg lé n-a casóig: éadach laistigh.

sraoille: *f.4.* balcais liobarnach, duine aindeis, tuathalach, aon rud aindeis. Do chasóg ina sraoille leat go lathaigh: ag silleadh go liobarnach. Mo ghradhain thu, a shraoille, is neamhghasta é do ghnóth: duine liobarnach leibideach. Ag imtheacht ina sraoille ó mhaidean go hoidhche: go neamhchríochnamhail, neamhghasta, tuathalach.

sraoilleach: *a.* aindeis, neamhghasta, neamhchríochnamhail. An ndéanfair aon rud i gceart choidhche? an bhfuil éinne beó níos sraoillighe 'ná thu?: neamhaireach, neamhghasta. Sid é an gnóth sraoilleach a bhíonn id dhiadh-sa, ní á chasadh leat é: an gnóth gan slacht, críochnughadh ná snas déanta air. Má fhanann an aimsir sraoilleach mar seo beidh an fóghmhar mall: gan crothadh suas agus cruadhachtaint chun tiormaigh. Duine ró-shraoilleach ar fad seadh thu, sin nidhthe gur chóir duit bheith déanta agat lé mí: failligheach, neamh-chúramach.

sraoilleadh: (**straoilleadh, stroilleadh**) *f.* (*-ltha*) do bheith ar silleadh, do tharrac i ndiaidh. An féar chómh tirim go raibh ar nós na gloine gan aon ghreim cos lé fagháil air go mbeifeá ag sraoilleadh mar bheifeá ar lic oidhir: ag sleamhnughadh: an bonn ag imtheacht uait. Táir ag sraoilleadh, tá eagla orm, níl an dul chun cinn céadna dhá dhéanamh in ao'chor agat: ag tuiteam siar: ag cnúbháil. Ná leig duit féin straoilleadh (stroilleadh) anois, táir in ionad mhaith: ná caill do ghreim: ná leig tu féin ar gcúl. Is geairrid iad na bliadhanta ag sraoilleadh thart: sleamhnughadh: ag éalódh leo i nganfhios dúinn. Tá an tsnaidhm ag sraoilleadh, is éigean duit í d'fháscadh níos fearr: ag scaoileadh. Sraoilleadh focail orm dob eadh é, b'fhearr liom go mbeadh barra na teangan díom tar éis a ráidhte: rith focail. Dá fheabhas a oibrigheamair bhí an dream eile ag sraoilleadh tharainn: ag éalódh, ag buadhachtaint orainn uidh ar n-uidh.

sraoilleán: (**straoilleán**) *f.1.* duine nó rud neamhghasta, fiadhaire feádha, síománaidhe. An mada ruadh ar an dteinteán is an straoilleán ag amhastaraigh: gnóthaidhe tighe dhuine ag imtheacht lé fán is bóiléagar is é féin go faillightheach lasmuigh. Straoilleáin chloch gur deacair siubhal ortha, táid ró-chruinn: clocha sleamhaine. Déanfaid sraoilleán cistean díot sara stadfaid: scraiste go mbíonn air gach aon ghnóth do dhéanamh.

sraoilleóg: *b.2.* (**straoilleóg, stroilleóg**) bean neamhghasta, neamh-chríochnamhail, fhaillightheach; tuiteam tuisle. Baineadh sraoilleóg asam ach b'é toil Dé gur choimeádas mo bhuinn, mara mbeadh san is baoghalach go ngoirteófaí me: sleamhnughadh. Baineadh sraoilleóg as, is chas a alt fé: shleamhnuigh sé. Ná baintear aon sraoilleóg asat ar an gcarraig shleamhain sin nó raghair ar bhior do chinn 'on pholl: tuisle: cailleamhaint greama na mbonn. Tamall do bhí maith éigin innte di féin is dá tigh, ach tá sraoilleóg ar

fad déanta dhi lé déidheannaighe: fuairthé mná (cailín). Mar bhíonn sraoilleóg seadh bhíonn a gnóth: bean neamhchríochnamhail gnóth leibideach. Dá mhéid fuadar a bhí fé baineadh sraoilleóg as: deineadh staonadh air: coisceadh an réim a bhí fé.

sraoillim: (**straoillim, stroillim**) *b.a. 7 n-a.* sleamhnuighim, baintear tuisle asam, tairngim im dhiaidh, trí etc., sínim ar a fhaid, etc. Straoillfir (stroillfir) den bhfalla muna gcoimeádair greim daingean: sleamhnóchair. Stroilleas ar lic na haille, bhí an féar fém chois ró-thirim: shleamhnuigheas: d'imthigh mo bhuinn uaim. Tabhair aire dhuit féin pé áit ina ngeóbhair is ná stroilleadh do chosa uait: ná himthigheadh aon dearmhad ná faillighe ort do dhéanfadh do dhíoghbháil. Is maith an té ná stroilleann uair éigin: ná go ndéanann a bhotún: ná go n-imthigheann as an mbóthar ceart, díreach. Níor stroill aon fhocal air gur bh'fhéidir búntáiste do bhreith ina thaobh air: níor rith air: níor éaluigh uaidh dá aindeóin. Nách réidh, socair do stroill an bitheamhnach a lámh isteach im phóca nár bhraitheas é. Má stroilleas níor thuiteas: má baineadh tuisle féin asam níor leagadh me. Do stroill sé an líon ina dhiaidh: do leig uaidh siar ar a fhaid é. Stroilleann faill lé mórán uisce: scéidheann sí: imthigheann a greim is tuiteann sí. Stroilleadar an féar ar feadh an bhóthair: leigeadar do tuiteam ina ndiaidh aniar.

sraoillín: (**stroillín**) *f.4.* aon rud a bheadh sínte mar bheadh sraith, slabhradh, etc. scuaine, raing dhaoine i líne; duine neamhghasta. Níl agam ach sraoillín lín gan puinn maitheasa chun iascaigh: giobal fada, leibideach. Féach na téada ina sraoillín id dhiaidh: iad ar silleadh is ag síneadh ar an dtalamh. Sraoillín seód, gur b'fhiú na céadta é, tímcheall a muiníl: sreang. Carraigeacha is fochaisidhe ina sraoillín as san ó thuaidh: ina sraith. Daoine ina sraoillín ó bhéal an dorais síos an tsráid ag braithteól ar iad do leigeant isteach 'on amharclann: ina sraith: scuaine mór fada. Bailigh chughat na nidhthe sin go baileach is ná bídís ina sraoillín id dhiaidh aniar: ar silleadh go neamhghasta. In ainm Dé, faigh cíor agus cuir crích éigin ar do chuid gruaige, is ná bí it sraoillín mar sin: id dhuine ghioblach. Sraoillín neamh-náireach gur bh'fhearr léi an lá do chaitheamh ag sráideóireacht 'ná aire do thabhairt dá cúram ag baile: rud faillightheach, neamhchríochnamhail. Chuir sí sraoillín eascainithe aiste gur dhóigh leat go n-osclóchadh an talamh féd chois: sraith mhallacht. Reamhar ge n-a ceann is ina sraoillín siar ge n-a hearball: fada, caol. Tairng chughat do dharadha, tá sé ina sraoillín i ndiaidh na nadhbhóige: é neamhtheann, liobarnach, an iomad de amuigh.

sraoillte: (**stroillte**) *a.r.* neamhghasta, neamh-thriopallach, sínte go liobarnach, ar silleadh, sleamhnuighthe, scaoilte. Anois nó riamh, tá a chosa sraoillte uaidh: sleamhnuighthe: tá a bhotún déanta aige. Tá an téad sraoillte den staic, ceangail airís í: scaoilte: an greim bogtha. An chlaidhe sraoillte amach ar an mbóthar: scéidhte: tuitithe ar a thóin. Luathuighimís! sin í an aimsir sraoillte uainn: sleamhnuighthe: éaluighthe: imthighthe tharainn gan a tabhairt fé ndeara. Cuir slacht éigin ort féin, an bhfeiceann tú an clódh sraoillte atá ort?: gioblach, neamhghasta. Tá na greamanna do chuireas san mbróig sraoillte: tugtha: scaoilte. Mo thriubhas sraoillte dhíom cheal creasa do bheith air: tuitithe síos. Carraigeacha sraoillte anuas as an bhfaill atá ar fuaid an chladaigh uile: sleamhnuighthe, a ngreim caillte aca is iad tuitithe. Aon fhocal sraoillte ní bhfuairtheas ina dhiaidh: rithte nó éaluighthe. Duine ró-shraoillte ar an mbóthar seadh é, níor mhór faire do bheith air: siléigeach: sillteach: dearmhadach.

sraoth: *b.3.* trithe obann aindeónach scórnaighe is earbaill maille lé séideadh obann aoir tríd an sróin; siotrach nó casachtach capaill; slighe nó bealach chun uisce, etc. do tharrac, caol, canáile. Dheineas sraoth: thairngeas (shughas) m'anál isteach agus shéideas trím shróin dem aindeóin í go teann. Ní fearr de chómhartha aetighthe sraoth 'ná mianfadhach: séideadh obann anála tríd an sróin mar dhéanfadh tar éis snaoise nó piobair. Leig an capall sraoth ar shraoth nuair bhí an strus ag breith air: séideadh láidir teann trí n-a shróin. Ní fhéadfainn gan sraoth do chur asam is cualathas me: séideadh tríom shróin mar déintear i slaghdán. Dá mbeadh sraoth déanta síos 'on abhainn thairngeóchadh sí an t-uisce is raghadh an log i ndísc: bealach nó slighe. Téigheann na bric síos ar shraoth an locha ag scéitheachtaint: ar an silleadh atá aiste: casán uisce. Is fada sraoth chun na farraige ón dtír sin agus lá éigin beidh sí aice nó raghaidh di: bealach: oscailt. Deoch ag imtheacht ina sraoth aca: iad ag glaodhach is ag taoscadh go flúirseach.

sraothartach: (**sraothfartach**) *b.* séideadh garg, aindeónach tríd an sróin. Is cosamhail go bhfuil rud éigin ar an gcapall ar an sraothfartaigh atá air: an séideadh trí n-a choininn de dheascaibh íogaireacht ina scórnaigh etc. Tá slaghdán agat, a bhuachaill, tá sraothartach ort: íogaireacht canáile na srón go seadair aer tríthe det aindeóin. Cad a chuir an fonn sraothfartaighe ort?: an fonn séidte tríd an sróin mar bheadh tar éis snaoise.

srathach: *a.* íseal, riascach, bogach; fánach, neamh-chómhnaidhtheach. Talamh srathach seadh é, luigheann mórán uisce air: íseal: gan éirghe ná árdán. Gheobhair mórán éanlaithe geimhridh ann, tá sé srathach: bogach: fliuch, móinteach. Níl sé de mhianach ann cur fé in aon áit ar feadh i bhfad, tá sé ró-shrathach: tugtha d'fhánaidheacht. Beatha shrathach atá aige, oidhche annso is eadarshuth annsúd: corrach, claon leis an síor-shiubhlóid: siubhlóideach.

srathadh: *f.* (*-thta, -aithte*) do chur cánach, cíosa, íoca, meirse ar an bpobal. Is cuma leo cad é an costas do chuirid ar an gcoitchiantacht ach bheith ag srathadh na ndaoine: ag cruachadh cánach ortha. Na feirmeóiridhe ag gearán go mbeid ón dtigh ag an srathadh atá dhá dhéanamh ortha: an gléas saothruighthe sochair trí cháin do bhualadh ar na daoinibh. An chléir ag srathadh an phobail: ag cur sratha nó cánach ortha dréir dualgais.

srathaidhe: *f.4.* fánaidhe, díomhaoinidhe siubhaltach, ruagaire, seachránaidhe, fuaduightheóir. Ná fág ar bóiléagar amuigh é sin, ní bheadh a fhios agat cén srathaidhe oidhche a árdóchadh leis é: siubhlaidhe bheadh ag ganfhiosaidheacht i gcoim oidhche. Ina shrathaidhe ó Chorcaigh go Daingean ag maireachtaint ar na daoinibh: duine lé fánaidheacht is ag brath ar gach aon rud a bhuailfeadh ina threó. An sionnach an srathaidhe is fearr amuigh: an fuaduightheóir: a shiubhlas san oidhche ag seilg.

srathaidheacht: *b.3.* gluaiseacht ist oidhche is ag bailiughadh leis aon rud a fhéadfadh sé. Ar an srathaidheacht a mhaireann sé: rudaidhe a bhuailfeadh leis ar bóiléagar is d'ardóchadh sé leis. Cad tá ag srathaidheacht ón mbitheamhnach tímcheall annso?: ag gabháil tímcheall mar bheadh ar tí sladuighthe. Ag srathaidheacht ar an ndúthaigh ataoi riamh: ag brath ar rud d'fhagháil ó dhaoinibh mar seo nó mar siúd.

srathaire: *f.4.* fánaidhe bailightheach, seachantóir oibre. Ní imtheóchaidh mála an tsrathaire úd follamh: duine go mbíonn a chos ar an mbóthar do shíor ag bailiughadh. Ní chorróchadh an srathaire cos ná lámh leis chun luid do dhéanamh: liaghairne.

srathaireacht: *b.3.* do ghabháil tímcheall gan ghnóth gan chúram ag fairghis ar rud lé hárdach chun bóthair. Chaith an deóraidhe seachtmhain ag srathaireacht tímcheall na háite pé rud a bhí uaidh: ag máineáil tímcheall mar bheadh ar tí ruda éigin d'fhuadach. Ní srathaireacht in ao'chor a bhainfeadh coirce: díomhaointeas is seachaint oibre.

srathairt: *b.2.* aon rud a bheadh caithte ina chúil go neamhthuiseach, aon rud (ualach) trom, aindeis, neamh-shocair. Chaith sé an t-iasc ina shrathairt ar an úrlár: ina chúil gan cóiriughadh gan riar. Aon ghnóth ar an saoghal so, níl agat-sa, a shrathairt, chun an chúraim seo go n-oireann aicillidheacht do. Má chuirir an t-ualach ina shrathairt ort, beidh sé mío-chomhthromamhail: i ngabhal a chéile gan socrughadh. Id shrathairt cois falla in ionad bheith ag obair duit féin: sínte it shliasta. Ní fheadar cad í an tsrathairt a bhí thiar air: rud toirteamhail aindeis. Níor tháinig an srathaidhe chun baile riamh ná go mbeadh srathairt éigin thiar air: ualach toirteamhail. Idir rothar is fhear fuaireas ina srathairt iad tar éis na hoidhche sa díg: in aon chual aindeis amháin. Iad ina srathairtínidhibh tar éis an óil ar fad: caithte gan bhrigh, gan tapa. Níl ann ach srathairt fir; cá bhfuil an líomhthacht ná an fuinneamh?: cnochaire beag gan beódhacht.

srathannach: *a.* sleamhancach, ina leabharthaibh, cisealach, slaodach, tiugh. Folt srathannach gur dhóigh leat gur ualach a iomchar: tiugh, muirearach. Carraig shrathannach atá sa bhfaill, budh dhóigh leat gur leabhartha anuas ar a chéile í: sleamhancach: scrathach.

srathar: *b.5.* ball droma de ghléas capaill, asail, miúlach etc. Fé thrucaill luigheann an réitheach uirthe, luigheann an ughaim uirthi fé árd-ualach. Droichead adhmaid innte don réitheach; dhá chlár in ionad ar dhrom an ainmhidhe ag dhá chorra i bhfuirm triantáin, ceann chun deiridh is ceann chun tosaigh ar mhataidhibh tuighe chun na hughamach do chongbháil ón ainmhidhe. Cuir an tsrathar ar an gcapall cóir: an té go bhfuil cúis air chúisigh é. Sin srathar fhada. Pós is bíodh srathar na haindeise go deó ort: ní fhágfaidh an aindeise choidhche thu. Níl a bhac air a rogha do dhéanamh anois, é féin atá sa tsrathair: i gceannas: is aige atá cómhacht. Is tú a chuir srathar an mhío-áidh ort féin an lá thairngis feirm thalmhan ort féin is gan aon eólas agat uirthi: ualach cómhnaidhtheach, buan. Is fearr áis nó áirighthe na srathrach 'ná iasacht na hiallaite: dá oilceas í an tsrathar i gcómhnaird lé hiallait is fearra dhuit agat ded chuid féin í ná bheith ag brath ar iallait an fhir thall: dá aindeisighe an rud is leat féin is fearr dhuit é 'ná an rud a gheóbhfá ar iasacht. Ó b'anna(mh) leis an gcat srathar do bheith air seasóchad díbh .i. ní minic a bhíonn sé ar mo chumas ach tá anois. D'fhág sé an tsrathar fén dtárr agam, is bhailigh uaim, nuair bhí mo dhíoghbháil déanta aige: d'fhág sé i ndraip me: nuair iompuigh mo shrathar is m'ualach d'fhág sé ar an bhfán me. Is breágh agus is díomhaoin atá do shaoghal dhá chaitheamh agat id shrathar ó bhothán go bothán: gan mairg gan cúram. Tá an méid seo tuitithe orm i dteannta a raibh de mhío-ádh orm, is é srathar na haindeise ar chapall na tubaiste é: an clampar ghom shíor-leanamhaint. Is mór an cor sa tsaoghal é gan

breac lé fagháil anois ann is gur chuimhin liom sratharacha éisc do bheith ag teacht ón mbannc san: ualaighe móra droma ag na hiascairidhibh. (Feic **tiarach**)

srathrughadh: *f.* (*-uighthe*) do chur srathrach nó ualaigh mhóir ar. Ag srathrughadh an asail. Ghom shrathrughadh-sa lé gach rud: ghá bhualadh orm-sa.

srathruighim: *b.a.* ualuighim, cuirim srathar ar. Srathruigh an t-asal: gaibh é chun ughamach d'iomchar. Ná srathruigh mise leis an gcúrsa san, mar nách pioc dem chionntaibh é: ná cúisigh.

srathughadh: *f.* (*-uighthe*) do leathadh, do scaipeadh, do chóiriughadh i srathaibh, cáin do bhualadh. An mhóin do shrathughadh i gcóir a tiormuighthe: do leathadh. An síol do shrathughadh i gceart d'fhonn is ná beadh sé ró-thiugh ná ró-fhánach: do leathadh. Na héadaighe do shrathughadh ar an ngort chun a dtuartha: do leathadh amach i gcóir. Tá sé ar an gceann sluaigh is fearr sa domhan chun airm do shrathughadh: do riar chun catha. Ag srathughadh na líonta chun ná lobhfaidís: a bhogadh as a chéile is a leathadh amach. Budh mhaith an lá é seo do choirce le srathughadh: do scaoileadh amach chun a shábhála. Is cuma le "lucht na bpeann" ach bheith ag srathughadh na ndaoine: ag bualadh cánach ortha. An tslighe is fearr chun an tsíl 'sé é do shrathughadh: do chur i líntibh.

sreabh: *b.2.* braon, diúir, sruth, sruth bheag bhainne, uisce, etc. Sreabh té níor bhlaiseas ó cuireadh an luibh ar an mír: diúir: braon beag. Bain sreabh as an mbuidéal ach ná bain an iomad as: slogóg bheag, chaol. Gach bó againn dulta i ndísc, níl sreabh aca: aon diúir bhainne. Cuarduigh d'fhéachaint an bhfuil aon tsreabh ar thóin an tsoithigh: braon beórach, etc. Ghluais an tuile an oidhche úd in sreabhachaibh nimhe: srutháin go raibh fuinneamh is neart leó. Dá mbeadh sreabh caithte aige ní haon iontaoibh é ná go mbeadh sé achrannach: braon dighe mearbhaill. Bíonn sé ag baint sreabh as i gcómhnaidhe: ag ól a bhraoin do shíor. Budh mhithid do dúiseacht, tá sreabh mhaith chodlata déanta aige: sraic mhaith. Bíodh sreaibhín againn go cúláisteach i bhfochair a chéile in áit éigin: braoinín de dhigh mhearbhaill. Is baoghalach do, níor dhein sé sreabh fhuail lé fada: sruthán. Dá mbeitheá dhá spalladh leis an dtart ní bhfaighfeá sreabh uaithi: braon bainne ná eile, lé sprionnlaitheacht. Sreabh bheathuisce: slogóg.

sreaimide: *f.4.* duine nó rud sillteach, duine go mbeadh súile brachacha aige, póitire. An sreaimide bocht, an brach go léir a bhíonn lé n-a shúilibh. Níor dhein an sreaimide aon rud riamh i gceart: duine leadhbach. Pócaidhe follamha is croidhe cráidhte is gnáthach lé sreaimide an óil do bheith aige: an té a bhíos ag síor-bhlaistínteacht air.

sreang: *b.2.* téad ceóil, córda caol; cathughadh, spriogadh. Ag spreagadh ar shreangaibh ceóil: na téada a bhíos i ngléas ceóil. Mara mbogair de brisfir sreanganna an mhuiníl aige: féithleóga. Ó bheith ag obair tá sreanganna an droma tairngthe asam: "snáithínidhe": féithleóga. Long mhór cheithre gcrann go mbainfead iomad a sreang do chiall díot: líonmhaire a cuid téad. Is tréan an neart atá ann, féach na sreanganna atá ina dhrom: féithleóga mar bheadh córdaidhe láidre. Connus shníomhann an dabhan alla a shreanganna chómh cliste: a théada gréasáin. Tá an tsreang bainte den mála anois agat, cad é an diabhal a bhí ort is scéitheachtaint ort féin: an cat scaoilte as an mála. Dá

mbeadh an tsreang fáiscithe uirthi ní bheadh an oiread fuadair ná scléipe fúithi: dá mbeadh gan tarrac do bheith aice ar an sparán. D'oirfeadh sé dho sreang do chur fé n-a bhéal: glas do chur air: béal ina thost do bheith aige. Ghluais an t-eiteallán tríd an aer mar saighead as shreing: gluaiseacht nimhe fúithi. Cor ina bhéal, slán mo chómhartha, toisc sreanganna éigin do bheith crapaithe: féithleóga. Tá dearmhad mór ort, más dóigh leat go bhfuilim ar shreing agat: go ndéanfad do thoil. Sreang ón ndiabhal a bheir do é do dhéanamh: spriogadh, cathughadh. Sreang an túirne (tuirn): an córda a bhíos ar an roth. Chómh caol lé sreing bheidhlín: an-chaol, an-éadtrom. An fheóil is righne gur chuir duine fiacal riamh innte, í lán de shreangannaibh: snáithínidhe. Ní chaitheann sé ach mar síntear chuige, ag mnaoi an tighe atá an tsreang: smacht ar an sparán. "Óir, féach, lúbaid na cionntaigh a mbogha, do ghníd saighead róidh, ar an tsreang, chor go gcaithfidís go foluigheach ar an bhfiréan a gcroidhe" (Sailm XI. 2): gréasán righin as sheirice.

sreang-: *i gcfbh.* cas, fiar. B'áluinn an bhean í mara mbeadh na sreang-shúile atá aice: súile atá tairngthe ar thaobh. Chuireas sreang-scéal chun an tighe ósda go sroichfeá é am éigin fé mhaidean: scéal ar an ngléas aibhléise atá chun teachtaireacht do chur chun cinn. Níor mhaith leat féachaint cruinn air toisc é do bheith sreang-shúileach: cor do bheith ionta toisc féithleóga crapaithe.

sreangach: *a.* féithleógach, snáithíneach. Móin bhán shreangach: go mbíonn préacha tríthe. Feóil shreangach ná staithfeadh fiacla madra as a chéile: láidir, righin, féithleógach. Iasc sreangach a bhíonn ar an rotha: mar bheadh córdaidhe bána luighte ar a chéile.

sreangadh: *f.* (*-gtha*) tarrac, teannadh, fáscadh, fiaradh, casadh, stracadh. Cheangail mo bhróg i méiscre is baineadh sreangadh as m'alt gan choinne: stathadh a ghoirtigh é. Bhain an rámhaidheacht dhuaibhseamhail sreangadh as mo chroidhe: stracadh a ghoill air. An té a ghníos sreangadh ar a sparán bíonn rud aige: a fháisceas an béal aige. Bhíodar d'iarraidh me do shreangadh leo, ach theip ortha: me tharrac lé mealladh. Caithfear an bheidhlín (túirne) seo do shreangadh: téada (córda) do chur innte. Ag sreangadh na mbreac ar chóirdín d'easbhaidh mála ghá gcur isteach air, ceann ar cheann. Ag sreangadh na gcloch ar mo phaidrín: ghá gcur in órd air. An mío-ádh a thuit ar a thír, bhí a chroidhe dhá shreangadh aige: dhá tharrac as.

srian: *b.5.* cuid de chulaith capaill, ceannrach, béalbhach is aradha leathair; cosc, staonadh; cead cinn. "An t-each riabhach nár iarr riamh í ghreadadh le spor, is go stiallfadh sí srianta lé reaghthacha a cos": siubhal nimhe fé. Leig an tsrian leis: tabhair cead a chos do: tabhair a cheann do. "Is srian béil óir ina deasláimh": aradha go raibh béalbhach óir innte. "De bhrigh go bhfuil tu ar buile im aghaidh agus gur éirigh do chuthach suas am chluasaibh, ar an adhbhar san cuirfe mé mo dhubhán ann do shróin, agus mo shrian ann do bhéal, agus fillfe mé ar hais thu annsa tslighe iona dtáinic tú" (2. Ríogh XIX. 28): an bhéalbhach. "Má tá aoinneach eadraibh lér cosamhail bheith riaghalta agus nách gcuireann srian ré n-a theangaidh, achd bhíos ag mealladh a chroidhe féin, is díomhaon riaghail an tí-se" (Séam. I .26): ná déineann staonadh uirthi. Níor mhisde duit srian do chur léd ghuth: gan an oiread cainnte do bheith agat. An capall ar shriain aige: ghá threórughadh ar a bhealach. An gcaithfir a dtoil do dhéanamh? an amhlaidh atáir ar

shrian aca?: ar adhastar: greim daingean, dubhach aca ort. Ní fios cad dhéanfadh sé dá bhfaigheadh sé srian: cead cinn. Níor teannadh srian in am leat: níor cuireadh smacht ort.

srianadh: *f.* (*-nta*) cosc, staonadh, smachtughadh. Déin srianadh ort féin, agus ná himthigh bán ar fad: cuir cosc leat féin: smachtuigh do mhianta. Capall fiadhain, cuthaigh, is deacair é do shrianadh: do choimeád fé smacht.

srianaim: (**srianuighim**) *b.a.* coiscim, staonaim, smachtuighim. Srianuigh thu féin in am nó is tinn duit ar na feádhannaibh atá fút: smachtuigh. Níor srianadh as a óige é, a rian air indiu, tá sé imthighthe gan aon riaghail: níor cuireadh smacht ná eagla air.

srianta: *a.r.* coiscthe, staonta, smachtuighthe. Táim srianta gem mhnaoi, ní leigeann sí dhom faic do dhéanamh: coiscthe: fé smacht dhian aice. Níl an oiread de chead mo chos agam ó phósas, táim srianta: tá cosc curtha liom. Beidh an namhaid chómh srianta tar éis an chogaidh ná tógfaidh a ceann ar feadh tamaill: ceangailte síos.

sriantach: *a.* fé shrian; coisceach, staonach, smachtuightheach. Is maith an bhail air lámh shriantach do bheith air, gan san ní bheadh aon sprioc leis: staonach: lámh: coisceach. An té, fear nó bean, ná bíonn sriantach ar a miantaibh is é a dhán dul ar a aimhleas: coisceach, coimeádach.

sriantacht: *b.3.* smacht, cosc, bac. Sriantacht na bochtaine atá ag teacht liom: bac: is é an cosc orm gan an rud do bheith agam. Ní haon tsriantacht air an príosún, beidh sé chómh holc agus bhí sé riamh tar éis teacht amach do: smachtughadh: maolughadh ar a bheartaibh. An duine ciallmhar bíonn sriantacht lé n-a iomchar is lé n-a shúgradh: cuireann sé smacht ar a mhiantaibh: measardhacht.

sroicheachtáil: *b.3.* do dhul go dtí, go nuige, chómh fada lé, etc. Fairír, níl aon tsroicheachtáil agam ar bheagán airgid do sholáthar: aon dul ar é do ghnóthughadh. Sroicheachtáil ghearr géag atá aige, ní fhéadfadh sé teangmháil leis: síneadh. Ní féidir mise do chúiseamh ann mar ná féadfadh aon bhaint do bheith agam leis, ní raibh aon tsroicheachtáil agam air: aon dul agam ar an áit ina raibh sé. Don té a fhéadfadh é do shroicheachtáil in ao'chor b'fhiú dho é do bheith aige: é do ghnóthughadh ar chuma ar bith maidir lé costas. An bhféadfá do shroicheachtáil chun an hata san is é do thógaint anuas dom?: do shíneadh go dtí é. É ina aonar ann, is gan neart corruighthe ann ná éinne chun lámh sroicheachtála do shíneadh chuige: lámh chónganta.

sroichim: *b.a.* ₇ *n-a.* bainim aonach, gnóthuighim, cuirim, téighim go dtí, ráinighim. Sroich an baile chómh luath in Éirinn is d'fhéadfair, táthar ag feitheamh leat go himshníomhach: ráinig ann: bain amach é. Sroichfidh an bád an talamh agus sin a mbeidh ann: rángóchaidh léi é do bhaint amach: éireóchaidh léi dul go dtí é gan tubaist. Sroich do lámh chugham: sín. Fan anois go sroichidh sé, ní mór an mhoill a bheidh ort: go ránguighidh ceann spric: an áit atá uaidh: a thriall. Is iongtach an tsláinte atá aice, sroichfidh sí an céad: slánóchaidh: mairfidh go dtí an aois sin. Sroich chugham an t-arán san: sín chugham. Ní shroichfidh an t-airgead tímcheall ortha: ní bhuailfidh cuid gach nduine atá láithreach nó ag brath air. Tá mo dharadha chómh gearra san ná sroichfeadh sé

tóin puill: ní shínfeadh sé an fhaid sin. Do shroichfeá é ar sheasamh ar bharraidheachaibh do chos: b'fhéidir leat teangmháil leis ar tu féin do shearradh. Toisc faid ó bhaile na namhad níor shroich aon philéar linn í: níor bhuail: ní dheaghaidh chómh fada léi. Níor shroich an leitir sin riamh é, baineadh den bpost í: ní bhfuair sé í. Ní shroicheann an traen in ao'chor sinne: ní thagann go dtín áit ina bhfuilimíd. I roinnt na dighe ar shroich aon bhraon thu: ar ránguigh go bhfuairis cuid? Má shroicheann liom fén scrúdughadh so, bead go sásta: má éirigheann liom. Níor shroich an páipéar fós me: ní tháinig chugham agus é ar an slighe. Ní shroichfidh éinne choidhche é: ní bhfaghaidh amach, ní raghaidh go dtí é. Do namhaid nár shroichidh thu: nár thagaidh i ngiorracht duit. Dá sroicheadh cabhair sinn in am bheadh dul éigin againn ar an namhaid do chlaoidheachtaint: dá dtrialladh chughainn. Cabhair Dé go sroichidh sinn i gcómhnaidhe: go dtagaidh chun ár gcónganta. Níor shroich sé aon bhean fós: níor ranguigh leis duine aca d'fhagháil do féin. Na flaithis nár shroichidh sé, an t-alfraits: nár ranguighidh leis iad do bhaint amach. Sroicheann an tsraith chnoc faid do radhairce siar: síneann: searrann. Ní shroichfidh airgead dúinn: ní bheidh ár ndóthain againn chun an ruda atá uainn do ghnóthughadh. Choidhche ní shroichfidh aon chiall é, tá sé chomh haerach guagach indiu agus bhí sé riamh: ní thiocfaidh sé dho. Níor shroich mo lámh é is dá sroicheadh ní bheadh easbhaidh air: ní raibh oiread agam tar éis tabhartha do n-a thuilleadh is go bhféadfainn faic do thabhairt do. Nár shroichidh aon dealbhas choidhche thu: nár bhuailidh.

sroichint: *b.2.* (*-cheadh*, *-cheachtáilt*, *-cheamhaint*) do dhul go dtí, nuige, do ghnóthughadh, etc. Coimeád (congaibh) do ghreim, táim ag sroichint: ag teacht go tapaidh go dtí thu. Tá sroichint mhaith aige, ach ní bhuailfeadh sé a lámh ar an gcearchaill: searradh. Níl aon tsroichint san mbullóig, tá sí ró-shuarach ameasc mórán: dul mór-thimcheall. Ar shroichint an tighe dhom ní raibh neach rómham: ar thriall ann: ar theacht. Is iongtach an tsroichint atá déanta agat, an tigh sin do cheannach: an bheart atá gnóthuighthe agat. Ar shroichint aoise dhi tuitfidh mórchuid airgid uirthi: ar theacht i mbliadhantaibh di. Is éachtach an tsroichint í sin: beart mhaith déanta aca triall go dtí so um an dtaca so. Ag sroichint na scine chuige dhom stroill sí 'on bhfarraige: ghá síneadh. Lé sroichint Thomáis ar an láthair tháinig malairt crota ar an scéal: ar theacht do. Táthar ag feitheamh le fada leis, bhí sé le sroichint dhá uair an chluig ó shoin: lé ráineachtaint: teacht. An méid sin airgid ní fhéadfainn a shroichint choidhche: a shealbhughadh, pé saothar do dhéanfainn. Bíodh muinghin agat as na barraidhibh, táid ag sroichint: ag teacht.

sroichte: *a.r.* ránguighthe, tagaithe, dulta, triallta ceann spric. Níl do lámh sroichte in ao'chor orm: tagaithe go dtí me: buailte liom: ag teangmháil liom. Tá an tigh sroichte agat: bainte amach. An bhfuil an bheart sroichte agat?: gnóthuighthe agat: triallta: buaidhte: fachta de dhruim do shaothair. Níl an t-airgead sroichte fós orainn ach tá súil againn leis: tagaithe chughainn: fachta againn. Cómh luath agus bhí an tigh sroichte aige chuaidh sé a chodladh: bainte amach. Is iomdha pinginn sroichte riamh orm: tagaithe im sheilbh. An dóigh leat go bhfuil an leitir sroichte leis: dulta chuige: í fachta aige. Um an dtaca so tá an scéal sroichte ar fuaid an domhain uile: triallta i ngach cúinne. Nách uathbhásach an t-iomard atá sroichte ar an ndúthaigh an cogadh so: leathta: scaipithe.

sróill: *b.2.* gréasán bog, mín, saidhbhir, gléasmhar, síoda. Do chuirfinn ort síoda agus sróill: ghléasfainn in éadaighíbh saidhbhre thu. Chómh mín lé sróill fém mhéir: chómh mín agus b'fhéidir do bheith.

srón: *b.5.* an ball cuirp ag duine agus ainmhidhe gur féidir leis boladh d'fhagháil leis; sians ghéar bolatha, cainncín, sprochaid, rinn. Dá mbeadh barra na srón(ach) díot ní dhéanfadh aon díoghbháil duit: le duine a bheadh fiosrach. "Lean do shrón anois", lé duine go mbíonn botún déanta aige, a chailleas rud go faillightheach, a bhíos ar lorg ruda is ná teastuigheann uait eólas do thabhairt do. Ní healadha dho dhuine a shrón do bhaint de mar olc ar a cheannaghtha: a dhochar féin do dhéanamh i racht droich-mhianaigh nó tormais. Leigtear a shrón ar fad leis: ní cuirtear aon chosc leis: tugtar a thoil féin do. Tabhair a shrón do, b'fhéidir go dtiocfadh sé abhaile uaidh féin: fág a shlighe féin fé is b'fhéidir go múinfeadh ciall do. Ní thabharfainn pioc dá shrón do agus chuir san ola air: aon rian dá thoil. Dá shamhlófá rud chómh lag leis shéidfeadh (cháithfeadh) sé fuil shrón!: ghlacfadh sé ina mhasla mhór é. Budh dheacair é do bhearradh ní bhfuair sé órdlach dá shróin ar an gcruinniughadh: níor leigeadh do a thoil féin do bheith in aonnidh. Is minic do bhris béal duine a shrón: go ndubhairt sé rud éigin tarcuisneach a fhág srón bhriste aige. Cuir féd shróin é, nách breágh an boladh atá uaidh: faigh a boladh. "Bíonn srón dubh ar gach maidin Earraigh agus earball searraigh as san siar": duibheacach, fuar. Dá mbeadh cainnt aige labharfadh sé, sin é féd shróin é: os do choinne: féd shúil. "Atáid cluasa aca agus ní chluinid; atá srón aca agus ní bholtnuighid" (Sailm CXV. 6). Tá srón con aige: gheóbhadh sé boladh aonnidh: bheadh a fhios aige cá mbeadh rud fóghanta lé n-itheadh. Dá n-éisteófá do bhéal bheadh an scéal níos fearr agat, ach ní fhéadfá gan do shrón do chur ann: baint leis an rud nár bhain leat. Scaoil lé n-a shróin é, nuair ná glacfadh sé cómhairle: bíodh a shlighe agus a shlighe féin aige. Nách mío-chúmtha an cupa srónach atá uirthi: go mbíonn a barra amuigh trom, reamhar. Fágfad srón liocuighthe ort mara mbír id thost!: leathanóchad í lé buille. Cuirfidh san piast ina shróin nuair chloisfidh sé é, ní maith leis: beidh sé míoshásta. Cuirfidh an cogadh so Seán Buidhe ag tochas a shrón: braithfidh sé go mór a dheasca. An mhí-bheart a dhein sé orm, tá sé im shróin fós agam do: cuimhnighim do air, agus níl maithte agam do. Chuirfeadh a bholadh fé n-a shróin ar meisce é: níl aon iomchar dighe mearbhaill aige. B'fhada mar phaiste ar an nduine galánta úd é do bhlas, d'iompuigh sé a shrón air: chas sé anáirde í lé seanbhlas air. Casfaidh sé an tsrón agat mar a leigfir do féin: goirteóchaidh sí agat. Is beag ar a shróin é mar bhiadh é: ní taithneamh leis é. Bhain sé ó n-a shróin amach é: dá aindeóin. Bain an tsrón den gcloich le cur 'on fhalla: sprochaid: cúinne géar. Sroicheann srón thalmhan i bhfad amach 'on bhfarraige i ngiorracht don oileán: ceann tíre caol. Ní túisce bhuail an bád a srón i dtalamh 'ná léimeas aiste agus chuireas díom: tosach. Dún Chaoin, Srón Bhrain agus Ceann Léime trí áilne na hÉireann: ceann tíre sa taobh thuaidh do Chnoc Bhréanainn. Thachtfadh an boladh a bhí uaidh an tsrón agat: ní fhéadfá t'anál do tharrac. Cad chuir an fhuil shrón leis: fuil a baintear innte. Na smugaidhe srón atá leat!: séid í is glan í.

srónach: (**srónamhail, srónta**) *a.* ag baint leis an sróin, go sróin géar, eadránach, neamhfháilteamhail. Cloch shrónach: go bhfuil éirghe nó sprochaid amach uirthi. Cad a bheir crom-shrónach é? an buille a fuair sé?: cor cam do bheith sa bhall. Is fad-shrónach leis í chun a pósta: go sróin mío-chuibheasach lé faid. Fear crom-shrónach: cor anuas

innte. Duine beag bior-shrónach ná féadfá focal den gcainnt do thabhairt do: barra beag, caol uirthi mar bheadh chun teallaireachta do thabhairt uaidh. Ní maith do thuigfeá é, tá sé chómh caoch-shrónach san: srónaidheacht, cuid mhaith ina ghlór. Cad tá ort indiu go bhfuilir chómh stoth-shrónach: do chainncín iompuighthe anáirde. Madra an-ghéar-shrónach má bheadh franncach in aon pholl shroichfeadh é: céadfadh na boladhghala go láidir aige. Táir-se beagán ró-shrónach dá dtabharfá aire dod chúram féin níor mhisde thu é: eadránach: ró-leagtha lé bheith ag cur isteach ar chúirimidhibh iasachta. Muc shrónach a gheóbhadh amach aon rud in aon áit: piardálaidhe, soláthruightheóir maith. Fuaim shrónach seadh atá san gcéad tsiolla den bhfocal "amhlaidh": tagann cuid di tríd an srón. Cheapadar gur rud éigin a bhí uainn ortha bhíodar an-shrónach, ní mór gur leigeadar ortha go rabhamair sa thigh: neamhfháilteamhail. Is mór an truagh go labhrann sé chómh srónach: trí n-a shróin. Ní mór go dtabharfá fé ndeara aon chainncín air, tá sé chómh maol-shrónach san: an-chatach as a shróin: geannc bheag. Budh dhual dóibh bheith srónamhail (srónta): srónta móra ortha.

srónfach: *a.* claon lé glór srón. Aithneóchair gan aon mhoill ameasc na coda eile é, tá sé srónfach: ag cainnt do bhíonn srónghail ann.

srónghail: *b.3.* labhairt nó anál tríd an sróin; séideadh tríthe; smúsghail. Níl srónghail ar an bhfocal "gabhar" ach tá ar an bhfocal "geamhar": ní thagann aon phioc den bhfuaim tríd an sróin: do chur coda d'fhuaimeannaibh na húrlabhra tríd an sróin. Bíonn mórchuid srónghala i gcainnt an phonncáin: furmhór a chainnte is trís an sróin do thagann. Tagann srónghail air nuair bhíonn olc nó cuthach air: cromann sé ar bheith ag séideadh is ag sughadh trí n-a shróin. Cad í an tsrónghail atá ort leis an mbiadh sóghail sin ach é d'itheadh?: bheith ag boladhghail air, d'fhéachaint an mbeadh sé maith a dhóthain. Seachain tú féin ar tharbh nuair bhíonn sé ag srónghail: smúsghail: an anál ag teacht ina séideóig trí n-a chuininn. Is mór go léir an tsrónghail atá tímcheall na háite seo ort, gread leat! cad tá uait?: boladghail: ag piardáil i ngach cúil is cúinne lé fiosracht nó mar bheadh ar tí ruda d'fhuadach. Chaitheadh sé a shaoghal ag srónghail siar chun na farraige: a shrón anáirde aige ag faire.

srónaidheacht: *b.3.* fuaimiughadh na húrlabhra trís an sróin; eadránacht, piardáil, lorgaireacht. Tugann srónaidheacht na Gaedhealainge blas agus dath ar an dteangain: fuaim gotha nó consaine do dhéanamh agus cuid den sruth aoir ós na scartachaibh do bheith ag gabháil trís an sróin. Fág amach an siopa agus beir leat do chuid srónaidheachta in áit éigin eile: piardáil agus lorgaireacht. Lé srónaidheacht a thagann seisean annso: lé hintinn bheith ag lorg cunntais ar aonnidh a bheadh ar siubhal. An madra ag srónaidheacht orm lé ceanamhlacht: ag cuimilt a shrón.

sronna: *f.4.* glóthach, sruma, silt. Ainmhidhe diabhail gránda a chuaidh im líontaibh a fháig sronna ortha a loibh iad: srumaidhe fola righin sreangach mar smugairle: sughlach righin a fhúscas trí chorp ainmhidhthe mar an seilimide. Ní fada ó dháir an bhó, tá sronna léi: glóthach. A rud shalaigh, ní fheaca riamh thu ach sronna leat: prioslaidhe ar silleadh léd bhéal is sumga léd shróin.

srothach: *a.* lán de shruthaibh, sreabhach, mear-ghluaiste. Parróiste srothach seadh é seo, ní bheadh ceal uisce choidhche ann: mórán abhann is srothán ann. Farraigidhe ró-shrothach atá tímcheall ár n-áit-ne chun aon chiúnas iascaigh do bheith ann: taoididhe ró-láidre ann. Tríd an mbealach caol san cuireann taoide an-shrothach: luath, mear. Is maith, srothach an scórnach atá aige: slogadh maith aice: d'ólfadh sé cuid mhór, mhaith. Seachain tu féin ar an strúill, tá sí srothach tar éis na báistighe: uisce ag gluaiseacht ina shlaodaibh tréana innte.

srothán: (**sruthán**) *f.1.* sruth bheag, sreabh, séilteán. Bun an tSrotháin: ainm áite: abha bheag ná beadh doimhin ná leathan. Buaileadh sa tsróin é agus seo anuas na srotháin (fhola) leis: ina rith gan briseadh. Scaoil sé na srotháin leis an bhfear: chuir sé fuil ag rith go flúirseach uaidh. Déin do shrothán annsan: do chuid fuail. Deoch chómh flúirseach ann is go raibh sí ina srothánaibh: ghá glaodhach go rabairneach. Tá báisteach ina srothánaibh as: ar an silleadh maol, bháidhte. Srotháinín uisce ag rith lé taoibh mo thighe. Gach éinne d'iarraidh a bhó féin do chur thar srothán: gach éinne dho féin. Níl aon cheal cainnte air, tá sí ina shrothán aige: go flúirseach is iomdha braon a ghaibh an srothán siar aige: an scórnach.

srothánach: *a.* lán de shrothánaibh. Sléibhte srothánacha: mórán uisce ag rith leó.

srúill: *b.5.* sruth, sruth mar a sroicheann an mhuir, canáile. An tsrúill conntabhartach toisc an bharra taoide do bheith innte. D'imthigh sí thar srúill: thar farraige. Níor fhág srúill súlach riamh é: silleadh súl. Tigh ag bun srúllach aige: ag cómhrac abhann is mara.

sruimile: *f.4.* duine tuathalach, duine caol neamh-anamamhail, neamhghasta, leibideach. An sruimile amadáin sin féach cad tá déanta aige: rud ná beadh d'anam ná de ghastacht ann rud do dhéanamh. Ní fhéadfadh aon neart bheith sa tsruimile sin: rud caol, liobarnach. Sruimile saoir atá ann, lag is iogán ar a fhalla: saor neamhshlachtmhar gan cháiréis. Sruimilidhe eascún: rudaidhe an-chaola.

sruimileáil: *b.3.* neamhghastacht, liobarnaidheacht, slibireáil, fuadracht gan aire, útamáil. Bíonn an rath ar an sruimileáil: cao aindeis déanta ruda is go n-éirigheann léi. Níl ann anois ach go mbíonn sé ag sruimileáil tímcheall an tighe: gíotáil gan éifeacht. Ag sruimileáil an éadaigh tríd an uisce: ghá tharrac is ghá chasadh. Cuir uait an tsruimileáil agus déin do ghnóth go pras, gasta: neamh-fhonn agus neamhchruinneas. Cé bhí ag sruimileáil ar an bpáipéar so go bhfuil sé go léir salach: méaráil. Níl ach sruimileáil bhainte ar an bhféar so: cuid de ina sheasamh is a fhurmhór gan bheith bearrtha leis an dtalamh. Tá sruimileáil ar na háraistidhibh id dhiaidh: rian salach, smeartha ortha.

sruimileálaidhe: *f.4.* duine liobarnach, neamhghasta, cuimileálaidhe, gíotálaidhe. Go lá an luain ní bheadh aon rud fachta as lámhaibh an tsruimileálaidhe sin: duine ná bíonn clódh ná deallramh air chun oibre: mall, mío-thapaidh. Ní hag an sruimileálaidhe sin do bheadh clann: duine gan preab. Seachain uaim, a shruimileálaidhe, chuirfeá ag aiseag éinne: léd mhoille agus ceal clóidh oibre chuirfeá breóidhteacht ar dhuine. Sruimileálaidhthe feirmeóiridhe: leibididhe aindeise.

sruimileálta: *a.r.* smeartha, neamhghasta, déanta go haindeis. Cad bheir do chuid éadaigh ar fad sruimileálta? an amhlaidh do thuitis?: smeartha, salach. Glan an tubháile sruimileálta so, ní fhéadfadh neach áis do bhaint as: éadach a bheadh smeartha salach. Cuirir ró-shruimileálta chun oibre: aindeis: neamhchruinn, neamhghlan. Mo chuid éadaigh sruimileálta agat léd mhéireantaibh salacha: smeartha: rian barcach air.

sruimileálaim: *b.a. 7 n-a.* smearaim, cuimlim, dóbaim, gíotálaim. Ná sruimileáil thu féin leis an rud salach san: ná smear. Shruimileáil sé é féin san bhfeamnaigh: chuimil gur chuir na srumaidhe air féin. Sruimileálann sé leis ó luan go satharn, sin mar dhéineann sé: gíotálann: oibrigheann go neamhghasta.

sruma: *f.4.* smuga righin, sreangach, fola righin, mar bhíonn ar rotha éisc, fheamnaigh etc., ar sheilmide is ainmhidhthibh eile, réim, priosla. Ná rabhair choidhche gan srumaidhe leat!: smugaidhe ar silleadh as do shróin: smugairlidhe. Dona a dhóthain atá sé, tá casachtach agus srumaidhe air: réim righin, shreangach ag teacht as a scórnaigh. Nách salach ceangailteach an rud srumaidhe feamnaighe: an fola righin a fhúscas aiste. D'fhág an amhailt mhara srumaidhe ar an líon a loibh é: fola righin: rianán trom, righin, sreangach. Thugadar árd-bhúrdáil do, chuireadar srumaidhe fola leis: fuil ina srothánaibh ar sileadh leis ina sreangannaibh. Bóithre ag srumaidhibh seilimide ar mo dhrom ó bheith sínte cois claidhe i rith na hoidhche: an sughlach a fhágann sé ina dhiaidh ar an dtalamh. Ná bíodh aon scáinteacht ort druideam leis ní haon tsrumaidhe atá air!: níl sé chómh salach san. Srumaidhe glóthaighe leis an mbuin: glóthach ina téadánaibh. Bhainfeadh an lá indiu an sruma de chat (díot etc.): tá an mío-ádh ar fad lé fuacht air. Beidh srumaidhe lé feirg leis: sillidhe righne fada as a bhéal. B'fhéidir go mbainfinn an sruma díot, deirtear lé duine go mbíonn teallaireacht mhór aige.

srumach: *a.* lán de shrumaidhibh, claon lé bheith ag silleadh as an mbéal; righin-shalach. Bíonn an rotha, an seilimide, feamhnach, etc., srumach: fola geal, righin, sreangach, ceangailteach ag fúscadh asta. Galar éigin ar an gcapall go bhfuil béal srumach aige: prioslaidhe righne ag síor-shilleadh leis. Imthigh uaim, thu féin agus do shrón shrumach: srón shalach, shmugach, shillteach.

srúmáil: *b.3.* (**srumatáil, srúmatáil, srumatghail**) sruimileáil nigheacháin, mionchuardach trí uisce, grúntáil, míogarnach. Ní ró-ghlan na héadaighe iad so id dhiaidh, níl ach srúmáil déanta ortha: iad tairngte tríd an uisce gan suathadh gan fáscadh. Cad í an tsrúmáil atá ort ar thóin an chorcáin sin, níl a thuilleadh feóla ann: lútáil tríd. Na lachain ag srúmáil tríd an abhainn: ar lorg ruda lé n-itheadh. Téighir a chodladh is ná bí ag srumatghail ós chionn na teineadh, níor dhóichighde dhuit ná tuiteam isteach innte: grúntáil: ag míogarnaigh: an ceann duine ag tuiteam síos go hobann is é ghá árdach airís trí dhúiseacht obann. Tá an codladh ghá dhalladh, tá sé ag srúmáil: an ceann ag feacadh aige is é ag dúiseacht ar aitreamhaibh. Ná bí ag srúmáil leis an obair sin, ach í dhéanamh go mear, tapaidh: ag tuiteam ded chodladh nách mór ag gabháil di. Ag srúmáil leis gach aonnidh chuireann sé roimis: ag cur chuige go marbhánta, neamhphreabamhail.

srumaile: *f.4.* fola righin mar smuga; duine seang, tanaidhe, marbhánta. Glan na srumailidhe ded bhéal: duine salach thu. Aon ghnóth níl ar an saoghal ag an srumaile

bocht: rud lag, neamh-anamamhail. Níl an srumaile oireamhnach d'aon tsaghas duaidh, níl mianach ann.

sruth: *b.3.* cuid mhór uisce ag rith ina canáile áirighthe nádúrtha isteach 'on bhfarraige, i loch nó in abhainn eile; rith flúirseach, iomadamhail; gaise, caise, ascall, féith. D'imthigh a chuid leis an sruth ón srumaile: ina roileach: go hait gan aon chosc leis. Tagann cainnt ina sruth chuige: úrlabhra líomhtha aige. Chuir sí sruth eascainidhe aiste, budh dhóigh leat go sloigfeadh an talamh tu leó: mallachtaidhe go flúirseach, iomadamhail gan oiread agus a hanál do tharrac. An iongadh sruth eolais do bheith aige is a bhfuil de leabharthaibh gabhtha tríotha aige: cnuasach mór. Chuir sé dhe chómh mear is dá mbeadh sruth dhiabhal ar a thóir: sluagh nó scuaine iomadamhail. Bíonn gach n-aon d'iarraidh a bhó féin do chur thar sruth: d'iarraidh a chúrsa féin do chur chun cinn. Nuair lannsáladh an chos tháinig fuil ina sruth aiste: ina sconna: rith mear cómhnaidhtheach. Sruth an bóthar anuas tar éis na hoidhche: séithleán mór uisce. An long ag gluaiseacht leis an sruth: ag imtheacht mar chaitheann na taoididhe. Rug an-ghreim orainn sa tsruth thaoide d'iarraidh dul ina coinnibh: taoide go raibh neart agus fuinneamh innte. Madra srotha a chuireann san mbealach cumhang idir an dá oileán: taoide neartmhar. I gcoinnibh na srotha gach lá dem shaoghal: ag bruic go dian dochrach leis, gan aon fhaoiseamh d'fhagháil. "Is cosamhail é ré neach do thóg a thigh agus do thochail agus do chuaidh go doimhin i dtalamh agus do chuir a shocrughadh ar charraig, agus mar tháinig an tuile, do bhuail an tsruth go fíochmhar fán dtigh úd, achd níor bh'éidir leis a chorrughadh; óir do bhí sé socruighthe ar charraig" (Lúcás VI. 48): tuile. "Agus do chuanas amach as an gcathraigh lá na sabóide cois an tsrotha, mar a ngnáthuightí úrnaighe do dhéanamh etc." (Gníomhartha XVI. 13). Tháinig sruth deór léi lé huabhar: caise deór: rith na deóra go líonmhar, fuidheach léi. An tsruth fhuail do dhein sé: mórchuid. Tairngeóchadh sé i gcoinnibh na srotha thu: dhéanfadh sé fuascailt ort. Chuirfeadh fén sruth me da bhféadadh sé é: bháidhfeadh sé me. "...lasfaidh anál an Tighearna é amhail sruth ruibhe" (Isaiah XXX. 33): tuile fhuinneamhail, chómhnaidhtheach. Ag amharc ar an sruth dhaoine ag teacht ón aifreann: scuaine.

sruth-: *i gcfhbh.* cómhnaidhtheach, leanamhnach, scaoilte, mear. Budh mhór an truagh sruth-bhailbheacht do bheith ann: snag: stad: cosc úrlabhra. Ní bhíonn a chuid cainnte ró-shoiléir uaireanta, tá sé sruth-bhalbh: tá cosc innte. Cé fhéadfadh é do chur ina thost is an tsruth-bhuinne a bhí fé: cainnt ag teacht ina tuile láidir. Níl fós aige ach sruth-Bhéarla ina chuid Gaedhealainge: is láidre ar a chuid Béarla ná Ghaedhealainge. "Is maith blasta an cainnteóir é" – "tá sé sruth-bhriathrach go maith": go leór cainnte aige ach go háirighthe. Sruth-chlais siar de bhun an ghuirt atá tiormuighthe anois: lag go raibh ann tráth. Seo isteach é thug sé sruth-chogar don gceann agus amach airís leis sa chasadh chéadna: labhair sé ós íseal leis go mear, tapaidh. Níor fhág an sruth-cheisneamh riamh é, aon rud in ao'chor chuirfeadh ag cnáimhseán é: an ceisneamh ag briseadh amach ann ar aon tsaghas cúise. Ní heól dom puinn mar gheall air, níl agam air ach sruth-choidreamh: breac-choidreamh: neamhchinnte. Cad tá déanta agam go bhfuil an sruth-cheistiughadh so dá dhéanamh orm: me dhá cheistiughadh gan stad. Tá sruth-éisteacht ag teacht do, bhí sé an-bhodhar tamall: chloisfeadh sé ádhbhar annso agus annsúd. Níor mhaith liom tabhairt fé, níl agam ach sruth-eólas ar a dhéanamh: eólas neamh-chruinn. Dá óige é tá sruth-éifeacht ag teacht aige ar leabharthaibh: tá breac-thuigsint ag teacht aige ionta.

Déanfaidh sé lá sruth-fhliuch ar an dtreó go bhfuil an ghaoth: beidh sé fliuch salach, ann as. Talamh tirim é sin, tá sruth-ghainnimh ann: gainnimh ag rith tríd an gcré ann. Talamh sruth-ghainnimhe: an mianach san ann talamh go bhfuil sruth-ghrean ann: grean tríd an gcré: mar bheadh gainnimh an-gharbh. Bhí an taoide sruth-gharbh a dóthain ag teacht treasna againn: cuibheasach garbh i ngach pioc di. É ag rith tríom shruth-intinn agus ná féadfainn a bhreith liom: é láithreach im aigne ach nách léir dom mheabhraidheacht é. Chuaidh sé treasna an ghoilín idir an dá charraig de shruth-léim acfuinnigh: léim rothaig lúthmhar. Chuaidh den ndochtúir aon chosc do chur leis na sruth-linntibh fola a bhí ag teacht as mo chliathán: sconnaidhe troma, fuinneamhla. Taoide sruth-láidir, sruth-luaimneach ná deaghaidh bád ná árus eile treasna riamh uirthi: lán-fhíochmhar. Níl aon bhaoghal ná go bhfuil an abha sruth-luath: fuinneamh is siubhal fúithi. Níor bh'eól dom cá rabhas ná cá fhaid do bhíos ann go ceann i bhfad Éireann, go dtáinig sruth-mheabhair dom: gur imthigh an scamall dem inchinn is gur fhill aitheantas orm. Uaireanta bíonn sé gan aithne gan úrlabhra, uaireanta tagann sruth-mheabhair do: bíonn gach aon rud cuibheasach léir dá inchinn. Tagann sruth-mhearbhall air agus ní heól do cá mbíonn sé ná cad bhíonn dhá dhéanamh aige: mearbhall a leanas do ar feadh tamaill. Caithfead a thuilleadh eolais do chur air sara mbím sásta, níl fós agam air ach sruth-thuigsint: tuigsint ná fuil cruinn ná cinnte. Lé dhá lá táid ina sruth-rith ón namhaid: ag teicheadh leó féin chómh mear tapaidh agus is féidir leo. Féach ortha tá sé ina shruth-rás eatartha, tabharfaid dá chéile ó thalamh é: rás dian, dícheallach. Tá sé ina shruth-ionsaidhe aca ar an gcathair lé dhá lá: ionsaidhe iomláin, fíochmhar: a gcroidhe díchill dhá dhéanamh aca. Déanfad sruth-thaisteal do go Corcaigh: leanfad orm gan stad. Bíodh muinghin againn as shruth-thrócaire Dé, go sroichfidh sí sinn: trócaire a bhíos ag síor-ghluaiseacht gan trághadh. Mara mbeadh an tsruth-thacaidheacht do fuaireas uaidh, admhuighim, ní bheadh aon teinteán indiu agam: cabhair ná raibh ar iarraidh nuair bhí sé ag teastáil. Gheibheann sé sruth-thuarastal, pé beag mór é, as bheith ag giotáil oibre dóibh: cuid anois is cuid airís. Táim cortha agat, ní fhéadfainn bheith ag sruth-leasughadh leat mar seo ó ló go ló: ag tabhairt síor-chónganta dhuit. An tsruth-ghluaiseacht go léir os na cnocaibh: tuilte troma. Sruth-ghluaiseacht bhainne ar an mbuin: a lacht ag silleadh uaithi. Níor stad an t-úrlár san ó cuireadh isteach é de shruth-fhúscadh: fliuchra bheith de ghnáth is do shíor ag teacht tríd aníos.

sruthaire: *f.4.* ruathaire, fánaidhe, geócach. Chuaidh sé ar an mbainis ina shruthaire féasta: gan chuireadh gan iarraidh. Ó n-a óige dho tá sé ina shruthaire ar fuaid na Mumhan: fánaidhe. Is iomdha san sruthaire gur tugadh bheith istigh ón sín do in-ár seanteaghlach-ne: geócach. Ag maireachtaint ar an gceanntar atá an sruthaire faid tá aithne agam air: duine ag taisteal roimis ag brath ar an gcoitchiantacht. A lia sruthaire ag bualadh chugham: daoine ag brath lé rud orm.

sruthaireacht: *b.3.* fánaidheacht, geócaidheacht, súdaireacht, béalchuaicheacht. Caithfid a gcuid sruthaireachta do chaitheamh uatha agus dul ar a gcion féin: brath ar dhaoinibh eile chun a gcothuighthe. Cad thug tusa annso ag sruthaireacht orainne?: ag tnúth linn: ag brath ar bhiadh nó dhigh d'fhagháil uainn. Ag sruthaireacht ó áit go háit a thugann an t-aindeiseóir sin a shaoghal: ag gabháil tímcheall is ag brath ar dhaoinibh.

sruthláil: *b.3.* rínseáil, tarrac trí shruth, uisce chun glanta, guairneán uisce. Ag sruthláil

an phaca san abhainn go n-imthigheadh cuid den tsalachar de: ghá tarrac is ghá thumadh. Sruthláil na farraige tímcheall na fochaise, déineann sé an-chonntabharthach í: poll guairneáin dhá dhéanamh aice. Budh dheacair teacht i dtalamh sa chuas, do bhí sruthláil tharraic ann: suathadh uisce, casadh agus tuargaint.

sruthlálaim: *b.a.* rínseálaim, tairngim tríd an uisce go fuinneamhail. Do shruthláil an scraiste a léine san abhainn is chroch ar thor í chun a tiormuighthe: thairng is d'útamáil gan galbhúnach do chur uirthi. An-dheacair, an-chonntabharthach snámh ann, sruthlálann an t-uisce ameasc na gcarraigeach ann: gluaiseann ina phollaibh guairneáin. Sruthláladar ina ndiaidh me tríd an linn: thairngeadar mar thairngeóchaidis sean-éadach éigin.

sruthlam: *f.1.* gluaiseacht nó guairneán mór-chuid uisce, etc. Chuirfeadh an sruthlam taoide a bhíos suas drom an bhealaigh eagla ort nuair bhíonn an ghaoth ina choinnibh: rith fuinneamhail, casadh is guairneán. D'árduigh an sruthlam amach é agus é d'iarraidh snámh i dtalamh: corruighe tapaidh, fuinneamhail, tolgach. Bíonn sruthlam sa tsrúill a árdóchadh chun siubhail thu: casadh agus sughadh fóirnirt. Dhein sé an oiread san uisce go raibh sruthlam anuas an bóithrín ar maidin: uisce ina shlaodaibh.

sruthlóg: *b.2.* sruth bheag, séithleán, uisce nó eile ag teacht trí phíopa etc. Poll fén gclaidhe go ritheann uisce an bhóthair ina shruthlóig tríd: ina sconna. Tháinig an fhuil as an gcneadh ina sruthlóig: ina sconna mar thiocfadh amach as phíopa nó feadán caol.

sruthlughadh: *f.* (*-uighthe*) tarrac ruda trí shruth chun a ghlanta; rínseáil. Ag sruthlughadh mo bhéil le huisce salainn: ghá ghlanadh is ghá rínseáil. Tabhair sruthlughadh maith don sean-thriubhas san, tá sé an-shalach: tarrac is rínseáil thríd an uisce. Ní fheadar cad budh cheart dom do dhéanamh bhí gach aon rud in aonfheacht ag sruthlughadh im inchinn: gach aon rud ag gluaiseacht is ag rás tríthe gan léargas.

sruthluighim: *b.a.* rínseálaim, suathaim in uisce. Sruthluigh do bhéal leis sin, glanfaidh sé é: rínseáil: suaidh ó thaobh taobh ann é. Sruthluigheadh sé an sean-mhála in imeall an uisce (sáile) agus d'fháisceadh é agus chuireadh a bhreac éisc ann lé breith abhaile: sall 'sanall thairngeadh sé go fuinneamhail é chun an tsalachair do bhaint as.

stabh: *f.1.* cleith, cleithire (duine). Bhuail sé an tsráid síos go tolgach, is stabh ina ghlaic aige, ag cur eagla amach: cleith fada, láidir; bata. Stabh bhuachalla mar é tá baoghal mór air lá oibre do dhéanamh: cleithire teann, láidir. Náire chuige! is é an stabh díomhaoin é: cleitheamhnach: duine árd, taithigeach nách ionmhuin leis duadh.

stabhgail: (**stafaoil**) *b.3.* bacadghail, bótharghail. Stabhgail chuige is uaidh ann: bótharghail. Cad a chuir an stabhgail ann ná siubhlann i gceart: bacadghail: mar bheadh céim nó sméideadh bhacaighe ann. Ní haon am stabhghala anois ach dul lom ar aghaidh: stad ná cnúbháil.

stábla: *f.4.* eachlann. Tá sé mar bheadh capall stábla: capall do bheadh dhá choimeád istigh ó obair, is cothughadh maith air. Cuir ar stábla anois é: cuir i gcoimeád gan chúram do bhaint as.

stáblachán: (**stablán**) *f.1.* batalach tighe. B'ait an duine me is dul chun costais stáblachán tighe mar é seo do thógaint is gan gnóth de n-a leath agam: lán de sheómraidhibh is d'fhairsinge gan gabháil.

stáca: *f.4.* cúil mhór chruinn arbhair is ceann cobair (púicín) air; stioca mór, cloch nó carraig bhiorach, airgead i leith gill; ball, ceap. Is dealbh an feirmeóir é gan chruach gan stáca: gan féar ná arbhar ina iothlainn. An Stáca Mór agus an Stáca Beag: dhá charraig chruinne go hárd os chionn uisce. Stácaidhe cloch ann a caithfear d'aistriughadh sarar féidir aon bhóthar do dhéanamh: go bhfuil a mbior aníos go hárd as an dtalamh. Cuir crot ort féin, déin rud éigin is ná bí id stáca magaidh ges na daoinibh: ceap magaidh. Ní fheadair éinne ach a bhfuil d'airgead aige siúd, tá sé ina stácaidhibh aige: claiseacha móra, cruacha. Bailighid bruibh beart agus ghníd birt stácaidhe: má tá fonn taisce ar dhuine cuireadh sé tharais gach aon rud dá luighead. Cuir síos do stáca más mian leat imirt: geall.

stácadh: *f.* (*-ctha*) cruachadh, bailiughadh anáirde ar a chéile; do dhéanamh stáca. Beam ag stácadh an arbhair ambáireach: ghá chur i stácaidhibh. Ní fhéadfadh sé gan bheith ag stácadh airgid ar a dtuilleann sé agus gan aon chaitheamh aige air: ghá bhailiughadh ar a chéile ina chruachaibh. Bí ag stácadh orm-sa i gcómhnaidhe: ag cur milleáin do shíor orm. Ag stácadh an bhúird: ag cur airgid imeartha air.

stad: *f.1. 7 3.* cosc, fuireach, cómhnaidhe, sos, staonadh, snag úrlabhra, moill, áit chun moille; triall. Cá bhfuilir chun staid sa chathair?: ag cur fút. Tabhair stad mhacaigh dos na buaibh: tar éis a mbailighthe chun crúidhte sos do thabhairt dóibh roim dhul fútha. An bhfuil aon stad lé dul ar do theangain?: an dtiocfaidh tost ort. An bhfuil aon chuma staid (stadta) ar an gcogadh?: go dtiocfaidh críoch air sara fada. Ar an bhfuadar atá fén arm agus an neart atá ann ní dóigh liom go mbainfear aon stad as: go gcoiscfear ar dhul chun cinn é. Tá an muileann ina stad lé mí: scurtha. Bead im stad ar an gcúinne ag feitheamh leat: gan corruighe as an áit orm. Táim im stad lé dhá uair an chluig: scurtha d'obair. Bíonn an sean-chlog san ina stad furmhór a shaoghail: gan é bheith ag dul ar siubhal. Tá an long san ina stad annsan ar feadh an lae: gan imtheacht as an mball gcéadna. Níl sé ina stad fós, ná aon deallramh chuige air: é scurtha de bháistigh nó pé sín eile a bhí ann. Mise an barránach a chuirfeadh ina stad é sin go tapaidh: a chuirfeadh iachall air a bhéal d'éisteacht. "Nár mhairir lé stad": deirtear lé duine crosta, aimhleasta. Dá mbeinn im stad ar an gcois aon tamall ghoillfeadh sé uirthe: mo mheádhachtaint uirthi gan corruighe asam. Stad stagúin i mbéal beárnain ort! lé duine ná corróchadh tar éis scurtha: raga sean-chapaill a chuirfeadh suas do léimeadh nó dul chun cinn. Carbhall táir é seo. Ná déin stad ná staonadh anois go mbainir an baile amach: aon tsaghas moille. Gach áit go mbíodh a stad d'fhág sé fiacha ina dhiaidh: aon áit go ndéineadh sé sos nó go gcuireadh fé ar feadh tamaill. Cuirtear stad leis an obair seo nó ní fios cá sroichfidh sí: críoch: deireadh. An bhfuil aon stad ar an bhfuil? nó an bhfuil sí ina sruthlóig mar bhí?: maolughadh. Bead ag stad annso leathuairín: ag déanamh moille. Níl sé ag stad den ól fós: ghá thabhairt suas. Níl oiread réime ná scléipe fé agus bhíodh ó tá an t-airgead ag stad air: gan é do bheith ag teacht chómh tráthamhail flúirseach agus bhíodh. Dubhairt sé liom an gluaisteán do stad agus marcaidheacht do thabhairt do: baint ar fad dá siubhal. Bíonn éanlaithe chun stadta

ar an gcarraig ar a bhfuil de thuar uirthi: tagaid i gcois ann agus fanaid seal. Siúd é ná fuil an stad ann (ina chainnt): snag: briseadh úrlabhra. Stad na traenach: áit ina ndéineann sí sos, a fhágann sí nó gur b'é a triall é. Tá súil lé Dia agam go mbeam ar stad na ngrást lé linn bháis dúinn: ar aiste go mbeidh cúiteamh is síothcháin déanta lé Dia againn. Go gcuiridh Dia ar stad na ngrást thu: go gciúnuighidh is go gceannsuighidh thu. Stad mhaith gnótha an siopa san: ionad maith. Bheadh stad ró-fhada orm dá dtéighinn isteach: fuireach: moill. Cuireadh lán-stad lé gach saghas oibre sa cheanntar: scuireadh ar fad di. Cuir stad tar éis an fhocail sin: cómhartha go bhfuil sos cainnte ag baint leis. Aon stad ní théigheadh air ach ag trácht ort: aon lag, scur, sos: bhíodh sé do shíor ag cainnt. Choidhche ní fhágfaidh sé an stad san, aindeis i rith na coda eile dá shaoghal: an aiste sin. Tháinig stad ionam nuair chonnac cé bhí agam: pé gluaiseacht a bhí fúm chuireas deireadh. D'aithnigheas ar an stad a bhí ann go raibh braon maith caithte aige: an briseadh thagadh ar a chainnt nó an neamhchumas tosnughadh airís. Bíonn sé ag síor-stad fén olc: ag déanamh sosa go mion, minic. Cloisim go bhfuil an muileann ina shíor-stad lé fada: scurtha d'obair, gan gabháil airís. Ní fheadar ach an oiread lé héinne eile cá mbeidh mo stad déidheannach: cá bhfaighead bás. Ní stadfadh sé dhíom in ao'chor: ní leigfeadh sé dhom gan bheith ag gabháil díom, ghom chiapadh etc.

stadach: *a.* tugtha do stad, sosach. Is stadach an duine thu, dá mbeadh tigh tábhairne ar gach aon mhíle den múr go ceann spric mhoilleófá ann. Clog stadach é sin, is annamh lá ná go scuireann a ghluaiseacht. Budh mhór an truagh choidhche é do bheith chómh stadach ina ghlór: snagach: briste: sosach. Capall stadach fé ualach.

stadaidheacht: *b.3.* claonadh lé stad, scur, sos etc. Lean ar an léightheóireacht, cad n-a thaobh an stadaidheacht?: an sos go mion, minic. Tá stadaidheacht éigin annsan air? ní fheadar cad tá ar bun aige?: rud éigin i dtreis aige go scuireann sé dá shiubhal. Ní mór go dtabharfá fé ndeara an stadaidheacht atá ann, ach tá sí ann: bailbheacht. Cad é an stadaidheacht atá anois ort, ná gluaisfeá leat?: an fonn gan dul chun cinn nó sos do dhéanamh. Aon stadaidheacht níl ag teacht fós ar an gcogadh: cuma go dtiocfaidh deireadh air.

stadaim: *b.a. 7 n-a.* scuirim, sosaim, coiscim, cuirim fúm, toirmeascaim. Stad! ná buail: scuir den nidh atá ar intinn agat. Stad nóimint agus cuimhnigh ar cad tá lé rádh agat: sos: ná habair a thuilleadh. Choidhche ná riamh níor stad sé gur bhain sé an baile amach: ní tháinig sé chun suaimhnis. Féach, cé stadfaidh anois é?: a sháróchaidh é is a choiscfidh ar dhul ar aghaidh é. An stadfair choidhche de ghol?: an éireóchair as? Stad ar do sháil: ná téighir a thuilleadh chun cinn. Cá stadfair anocht?: cá gcuirfir fút. Nuair théigheann an gabhar 'on teampall, ní stadann go dtéigheann go haltóir!: bíonn ag gluaiseacht roimis. Shaoileas go stadfadh mo chroidhe: go scuirfeadh de bhualadh. Nár stadaidh Dia leis, ná héisteóchadh sé a bhéal ar aon rud: ní raibh aon dul ar é do chosc. Nár stadaidh Dia liom gur bhriseas a raibh d'áraistidhibh ann: pé gíotáil, ionnramháil nó aiteas a bhí orm thárlaidh san dom. "Nár stadair choidhche", lé duine nó ainmhidhe a bhíos ag déanamh ruda go minic is ná taithnigheann linn. Nuair bhítear tuirseach de dhuine bheith ag déanamh ruda deirtear, "cathain stadfair?": nách mithid duit scur? Stadaimís ón gcioth: téighimís i bhfothain. Níor stad uirthi ach ag gol lé cumha ceart: aon lagughadh ní tháinig uirthi. Stadfaidh sé uaidh féin: sáróchaidh sé féin.

stadaidhe: (**stadaire**) *f.4.* duine, ainmhidhe nó rud claon lé stad nó scur, balbhán; tutaire. Stadaidhe capaill atá agat: gan puinn cúise chuirfeadh sé stailc suas. Ní bheinn ag éisteacht leis an stadaidhe sin, thógfadh sé coighcíos uaidh é féin do chur in iúil: balbhán.

stadaireacht: *b.3.* claonadh lé scur, lé stailc, stalcaireacht. Bíonn stadaireacht an diabhail bhuidhe air ag cur chun aon tsaghas oibre: stalcaireacht: neamhfhonn. Bíonn an-dhuadh air labhairt toisc an stadaireacht atá ann: bailbheacht.

stádar: *f.1.* máineáil, gluaiseacht ar shocracht. Ag stádar do chaitheann sé an lá gan ghnóth gan chúram: ag spaisteóireacht do féin. Cuirimís uainn an stádar agus téighimís i bhfeighil gnótha: an mháineáil gan aidhm. An gárda ag stádar síos suas an tsráid. Ag stádar ó thigh tábhairne go tigh tábhairne ag tnúth: ag gluaiseacht ar a shuaimhneas.

stad-chainnteach: *a.* tut-bhéalach, balbh, snag-labharthach. Droch-órádaidhe atá ann tá sé stad-chainnteach: tut-bhéalach: tagann briseadh ar shruth a chainnte.

stadghail: *b.3.* sosadh, staonadh, moilliughadh, fóill, sosadh ar aitreamhaibh. Ní mór a bheadh déanta choidhche againn ar an gcuma so, tá an iomad stadghala orainn: sos is scur do dhul ar aghaidh go rómhinic. Ná bíodh aon stadghail annsan anois oraibh, tá an droch-uain ann agus é an-dhéidheannach: moilliughadh. Beidh an traen an-mhall um thráthnóna, beidh uirthi mórán stadghala do dhéanamh toisc ceal an ghuail: stadanna aitrimh.

stadtha: *a.r.* (**stadta, staithe**) scurtha, críochnuighthe, beartha chun cinn. Mórán earraidhe stadtha ar fad anois ar theacht isteach: cosc curtha leó. Nílid stadtha dá gcleith-mhagadh fós fés na daoinibh: níl éirighthe as aca. An amhlaidh atá an clog stadtha agat: cosc ar a dhul ar aghaidh. Chonnac an long stadtha ar feadh i bhfad san ionad chéadna: gan aon chorruighe aiste. Táim stadtha aca de ghabháil tríd an gcasán: tá cosc curtha aca liom. An bhfuilir i bhfad stadtha i mbéal an dorais: tagtha chun sosa: gan é d'fhágaint. Is fada stadta den ól é: é tréigthe aige.

staf: *f.1.* (*iol.* –acha) cleith, bachall, bata fada, taithigeach. Staf atá ag dul do, b'fhéidir annsan go stadfadh sé: bata do thabhairt do. Chuireas stafacha mar theórainn talmhan: staiceacha. Is é an staf fir é: cruaidh, láidir, árd. Dhein staf des na gasaibh leis an dtiorma: chruadhadar ar nós an chipín. "A bíoma láimhe is lánstaf innte": bachall a thug ughdarás di.

staga: *f.4.* duine, ainmhidhe nó rud gan mhaith; duine gan aon teacht aniar. Staga capaill, dá fheabhas cothughadh gheóbhadh sé, chuirfeadh stailc suas ar an dtoirt: ainmhidhe meathta. Sé an staga é chun gabháil isteach chuige é, ní mór go dtabharfadh sé focal den gcainnt duit: duine gan spioraid, gan muinnteardhas. Staga fir, mná: duine neamh-mhaithteach. Staga tairbh: mór, cnámhach gan anam. Stagaidhe ná féadfadh éinne bhlas: prátaidhe gan mhaith.

stágach: *a.* tuathalach, aindeis. Siubhal ró-stágach aige mar chapall, níor mhaith liom é do cheannach: aindeis as a chosaibh. Dá mbeadh sé gan bheith chómh stágach as a

ghéagaibh, b'fhiú rud éigin é: tuathalach.

stagairle: *f.4.* rud meathta. Is tusa an stagairle chun maitheasa do dhéanamh ort: an duine nách fiú thu é. Stagairle lé n-itheadh an t-arán céadna, tur gan blas: ní mór gur fiú é.

stagarnaighil: *b.3.* stailc nó staonadh i gcainnt, grogaidheacht. "Ná bíodh aon stagarnaighil ort", ars an breitheamh leis an bhfíné inns a bhfuil lé rádh agat i bhfírinne ghlan: grogaidheacht: neamhfhonn a bhfuil lé radh agat do labhairt trí fhaitchíos. An saoghal mór ní chuirfeadh ón gconntabhairt chun dulta abhaile é, ní fios ach an stagarnaighil a bhíonn air: leisceamhlacht is neamhfhonn.

stagún: *f.1.* práta reóidhte, duine nó ainmhidhe meathta, capall stailceach, ceanntréan, stalcaire. Na prátaidhe agus na teornapaidhe ina stagúin tar éis an tseaca: casta ar a chéile, gan iad oireamhnach lé n-itheadh. Stad stagúin: stad capaill stailce: capall ceanntréan. An eagla atá ag teacht ort, a stagúin, ná labharfá ar do shon féin?: meathtach: duine gan phreab. Na stagúin, nár leig a gcroidhe dóibh a mbéal d'fhliuchadh riamh i dtigh an tábharine: daoine gan chroidheamhlacht.

staic: *b.2.* cuaille sáidhte sa talamh, cuaille cuibhrigh, bata teann gearra; stalca; ainmhidhe nó duine do-chorruighthe, constaic teinne; bean nó fear ceanndáine, do-chroidheach. Nil ann acht staic sa talamh, ní chorróchadh sé géag ná lámh leis ar shon éinne: dúr, neamh-maitheach, gan tionnscal. Dein rud éigin duit féin is ná bí id staic annsan: id sheasamh gan faic ar siubhal agat. D'athchuinigheas air dathad uair an mhaith do dhéanamh orm, ach tor ná freagra níor thug an staic orm: duine gan mhaitheas. Nár bh'í an staic nár thug rud éigin lé n-itheadh do leanbh ocrais: bean gan chroidhe. Is é an staic i mbun siopa é: an duine ná beadh cainnt, sibhialtacht ná cáirde ag baint leis. Ní chorróchadh an staic as an slighe uaim dá mbeinn ghá iarraidh ó shoin air: dúr, ceanndáine. "Ó, a Mhuire, is iomdha staic buidéil ina shiopa", ars an fear tartmhar: ceann go raibh faid agus toirt ann. Na ba ar staic: ceangailte sa chródh. Dhein an chainnt bhorb (an scéal obann) staic díom: stalca: tháinig sé leis an oiread san neamhchoinne gur fhág sé gan luadar ná luadhaill me. Chuaidh dínn an rud a bhí uainn d'fhagháil san aon tigh aca, ach níor bh'fhada an staic ón staic againn chuimhnigh duine againn ar dhóigh eile: má bhí constaic rómhainn ní raibh easbhaidh cuimhnte. Ní fada an stuaim ón staic ag an gceann sluaigh úd nuair bhíonn i ndraip is geairrid air cuimhneamh ar theacht aiste: gliocas lé linn broide is gábhtair. Ar feadh an lae tá an long san ina staic annsan: gan cor aiste mar bheadh sí ceangailte ann. Cuirfead-sa staic ionat-sa, ach go háirighthe pé duine a labharfaidh nó ná labharfaidh: cuirfead cuibhreach ar do theangain. Na málaidhe ina staic ag an sioc: cruaidh, teann, mar bheadh blúire adhmaid. Staic isteach sa bhfalla chun rudaidhe do chrochadh uirthi: blúire adhmaid nó iarainn. Chuaidh staic chloiche suas trí thóin an bháid: cloch go raibh bior uirthi. Ná bíodh aon eagla agaibh roimis, tá sé ar staic: ó dhíoghbháil.

staicín: *b.4.* staic bheag, ceap beag. Na daoine ag déanamh staicín áidhbhéise díom agat léd chuid libhéil: me im cheap bheag mhagaidh aca.

stáicín: *f.4.* stáca beag. "An Stáicín Eórnan", ainm puirt aithnideamhail.

stáid: *b.2.* aiste; céim, mórdháil. Gura maith an mhaise dho é, mo ghuidhe chun Dé é do bheith ar stáid na fírinne: slighe etc.: ar neamh: san ionad. Is uathbhásach an rud bás d'fhagháil ar stáid an pheaca mharbhthaigh: agus san do bheith ar anam dhuine. Sa stáid chéadna tá sé ó chonnaicís é, níl aon athrughadh tagtha air: aiste, cuma, clódh, imtheacht, dul.

stáid-: *i gcfhbh.* maordha, mórtach. Déineann na síodaidhe stáid-bhean di: bean a thógfaidh do chroidhe féachaint uirthi. Tháinig Oisín ar stáid-each bán ó Thír na n-Óg: maiseach, córach, áluinn. Cuireann sé stáid-éad air rud do bheith ag neach ná bíonn aige féin: éad trom.

stáideamhail: *a.* maordha, maiseach, mórtach, mór-chúiseach, mórdhálach. An siubhal stáideamhail a bhíos ag capall ráis: maiseamhail, córach. Gléasta in éadaighibh daora, bhuail sí treasna an árdáin go stáideamhail: mórtach, mórchúiseach. Tigh stáideamhail tógtha in áit aoibhin, fhairsing, seómraidhe breághtha ann is troscán daor is peictiúiridhe áluinne: maordha, maiseach. An dúthaigh uile fé ghall-smacht seal aca, is iad a bhí go stáideamhail tamall: go tighearnamhail. Do ghluais an loingeas stáideamhail chun farraige ar thóir a namhad: árd-réimeach, foirtil, cómhachtach.

staidéar: (**stuidéar**) *f.1.* cómhnaidhe, sos, fuaimeant, ciallmhaireacht, socracht aigne, stuaim, daingneacht, diongmháltas, seasamhacht; machtnamh, meádhachtaint. Cá mbíonn staidéar ort anois?: cómhnaidhe. Bíonn a staidéar i mórán áiteann: a sheal-stad. Dreatháir do ar bórd luinge ach ní fheadair sé cá bhfuil staidéar anois air: cad é an áit go bhfuil suidhe fé láthair air. Ná téigheann aon staidéar ort?: an stadair in ao'chor? Ní raghaidh aon staidéar air go raghaidh sé 'on uaigh: ní fhanfaidh sé socair: ní stadfaidh sé den bhfuadar atá fé. Aon staidéar ar an gcogadh (sneachtadh, báistigh) etc.?: aon tsos. Leig do go fóill, ná habair focal leis go dtí go raghaidh sé chun staidéir: go gciúnóchaidh: go maolóchaidh: go n-imtheóchaidh an bhuile dhe. Bíodh staidéar leat is ná buail é: fuaimeant: ciallmhaireacht. Dá mbeadh aon staidéar mná léi ní ag stádar fuaid na cathrach a chaithfeadh sí an lá: stuaim, ciallmhaireacht. Ní fhanann aon staidéar leis nuair bhíonn sé i láthair na dighe: measardhacht. Cá mbíonn staidéar sa gheimhreadh ar an gcuaich?: cá gcuireann sí fúithi? Uisce gan staidéar atá ann: ag síor-rith: gan log, gan linn. Aon staidéar ní théigheann ar an muir: ní stadann sí de luadhaill. Táim ag déanamh staidéir lé tamall ar an bhfear san agus téigheann díom a dhéanamh amach cé hé nó cad é an saghas é: ag déanamh machtnaimh air, is ghá chur trí chéile im aigne. Tiocfaidh staidéar uirthi fós nuair aosóchaidh sí: tiocfaidh breis chéille is fuaimeanta dhi. Ní mór an staidéar is féidir liom do dhéanamh eadraibh, tá broid orm: moill. Ag déanamh staidéir ar an sean-Ghaedhealaing: ghá foghluim is ag taighde uirthi. Ná luigheadh an scéal ar do chroidhe chómh mór san, glac staidéar leis: beir fada air. Anois atá an chainnt lé staidéar ag teacht uait: lé fuaimeant is ciall. Is ort atá an ceann gan staidéar, géilleadh dos gach aonnidh a chloisir, is cuma cé hé an t-ughdar: faidtheadhlacht. Tar éis a bheith an fhaid sin ar an bhfarraige níl aon staidéar im chosaibh: socrachta. Is cuma leis cá mbíonn a staidéar: bheadh sásta in aon áit.

staidéaracht: (**stuidéaracht**) *b.3.* ciallmhaireacht, daingneacht, diongmhálacht, socracht

aigne, measardhacht. Níl aon staidéaracht ag baint leis, bheadh sé ag obair annso indiu is in áit eile ambáireach: socracht aigne. Ar a staidéaracht a thaidhbhsigh sé dhom déarfainn ná raibh braon caithte aige: gan aon chómhacht ag an ndigh air. D'aindeóin a ndubharthas leis, lé staidéaracht an duine níor oscail sé a bhéal: tréith ná raibh sé so-chorruighthe. Ina óige dho san bhí sé fiadhain glan, ach chuaidh sé chun staidéarachta: chun socruighthe, míne, ciallmhaire. Bíodh staidéaracht chainnte leat, ná rith leat féin ar fad lé háidhbhéis is bladhgar: fuaimeant, measardhacht, srian. An dream go raibh an staidéaracht ag baint leó, shéanadar achrann, ciallmhaireacht: fuaimeant breitheamhnais.

staidéartha: (**stuidéartha, stuidéardha**) *a. n-dh.* socair, ciallmhar, fuaimeantamhail, daingean, measardha. Fear staidéartha, níor ól sé braon lé fada: measardha: a seachnas deoch mhearbhaill. Ní raibh sé chómh staidéartha is gur bh'fhéidir leis seasamh: gan mearbhall dighe. Is eól dom gur duine staidéartha thu, budh mhaith liom do chómhairle do ghlacadh: ciallmhar, fuaimeantamhail. Léan air, ní bhíonn sé staidéartha in aon áit: cómhnaidhtheach. Tagadh cainnt staidéartha uait: ciallmhar. Tamallacha staidéartha tamallacha eile ar meisce: ar a chéill. Capall staidéartha ar bhóthar atá ann: socair, gan sceit ann. Ní bhfuair an dochtúir staidéartha in ao'chor é is dhearbhuigh sé a chur go teach na ngealt: ciallmhar, céillidhe, i gceart ina inchinn. Labharfad leis nuair bheidh sé staidéartha, tá an iomad d''Fhear Chorcaighe' thiar anois aige: nuair ná beidh oiread mearbhaill dighe air.

staidiúir: *b.3.* aiste, can, imtheacht, dul, meón. Tar éis fillte dhom fuaireas sa staidiúir chéadna é in ar fhágas é: san ionad chéadna agus ar an gcuma gcéadna gan aon athrughadh. Féach é! is an staidiúir atá air, budh dhóigh leat gur ceann sluaigh airm é: an dul, an t-imtheacht atá fé. Níl sé ar aon staidiúir fóghanta indiu, b'fhearr dhuit fanacht uaidh: níl aon ghnaoi chóir air. Is iongadh liom é bheith ar na staidiúiridhibh, b'anna(mh) leis nách stalcghail do bheadh air: suairceas aigne is deagh-ghnaoi. Tá sé ar a staidiúir anois, ní fheadar cad air go bhfuil sé ag machtnamh: clódh an mhachtnaimh air. Mheasas go raibh sé ar na staidiúiridhibh déidheannacha ar an ndrochchrot a bhí air: go raibh sé ins na croitidhibh déidheannacha.

staibhéalach: *f.1.* duine nó ainmhidhe curanta, láidir; rábaire. Ag imtheacht ina staibhéalach ó bhaile go baile gan luid cúraim air: rábaire: duine gur náire do bheith chómh díomhaoin agus é chómh cumasach. "Maran tu an staibhéalach agam", trí mhíchéadfadh lé duine láidir cumasach go mbeadh rud mío-thaithneamhach ar siubhal aige. Sé an staibhéalach é chun bheith ag dul ar scoil fós: buachaill a thaidhbhseóchadh ró-mhór chuige. Staibhéalach inghine aice atá oireamhnach lé pósadh: cailín in aois agus i gcumas. Nách truaighmhéileach atá sé den staibhéalach (capall) ná cuirfeadh ag obair é: ceann cumasach.

staig: *b.2.* duine nó rud gan mianach, gan tairbhe. Greim bídh níor thafant an staig orainn agus a fhios aice go rabhamair in ár dtroscadh i rith an lae: bean gan croidhe. Nách é an staig é a eitigh ar bhullóig aráin me: fear gan aon mhaith. Gach aon phráta aca ina staig i ndeireadh na bliadhna siar: casta ar a chéile gan aon scabhárd.

staigín: *f.4.* cairriún gan puinn maitheas, duine suarach, duine aithrise. Ní raibh riamh

agam ort ach meas staigín, ní fheaca beart ghalánta riamh ód láimh: suarachán: duine gan aon anam croidhe. Is é a ghreaindidhe bheith síos suas le staigínidhibh baile móir: iad so go mbíonn airgead aca agus a bhíos ag síor-aithris ar dhream go mbíonn breis aca. Lag-staigínidhe an bhaile mhóir: daoine d'éirigh ón mbochtanacht chun ádhbhair saidhbhris, is go mbíonn gothaidhe móra fútha. Sean-staigín capaill ná beadh ag éinne mara mbeadh ag tuinncéir: capall ná beadh puinn críche ann. Cé hiad na staigínidhe seo ná haithnighim: daoine breágh-ghalánta.

staighre: *f.4.* sraith céimeann (glún) d'adhmad nó d'iarainn i ndéantús an tighe ag dul ó úrlár go húrlár; sraith chloch a éirigheas os chionn chun dulta treasna abhann. Glúineacha an staighre: céimeanna: gach cuid de chun na coise do chur air. D'árduigh an tuile staighridhe na habhann leis: na clocha móra gur bh'fhéidir siubhal treasna ortha: cabhasa. D'fhágas mo chasóg thuas an staighre: anáirde i seómra éigin. Deineadh casán staighridhe tríd an bhfaill síos: céimeanna os chionn a chéile.

stail: *b.2.* (*iol.* –teacha) capall fireann gan coilleadh, duine cuthaigh; aon rud toirteamhail, fuinneamhail. Níor thóg an láir an stail: níor ghaibh sí cumasc uaidh. Fuair an láir an stail: chumaisc sí an láir. Stail fhir mar thu is mór an náire dhuit bheith díomhaoin: fear cuthaigh, láidir. Dá mbeifeá chómh láidir lé stail chapaill theipfeadh ort é do dhéanamh: an-láidir ar fad. Nách é an stail é!: fear go mbíonn cuma chumasach, fhuinneamhail air. Stailteacha pallóg (breac etc.): rudaidhe toirteamhla. Cár imthigh na stailteacha ban a bhíodh annso fadó: mná breághtha, láidre, sláinteamhla. Beir ar stail aca san: aon rud mór, taithigeach. Is breágh an stail í. Stail chiaróige.

stailc: *b.2.* cosc, neamhfhonn lé rud do dhéanamh, scur oibre chun tuarastail, tráthanna agus conspóididhe eile do réidhteach agus do shocrughadh; ceanntréine; diúltadh dul chun cinn. Chaith an lucht oibre uatha a n-úirlisidhe agus chuadar ar stailc, b'fhada leó na tráthanna, is budh bheag leó an tuarastal: scuireadar d'obair. Chuir an capall stailc suas agus dá ndéintí greamanna seabhaic de ní raghadh sé órdlach chun cinn: dhiúltuigh sé gluaiseacht. Capall stailce: a chuirfeadh suas d'obair. Budh mhaith an fear ina lá é, is é ná raibh an stailc ann: an séanadh ná an cliseadh lé linn bearta do dhéanamh. Ní bheinn muinghineach as, tagann stailc ann: tuaisceartacht: diúltadh do ghéilleadh, do cheannsacht, do dhéanamh aon ruda a hiarrfaí air. An leanbh lé stailc ó mhaidean: ag gol, ag tormas lé peataidheacht: ceanndáine, míoshásta, mío-shásamhach. Den stailc sin chuaidh sé 'on arm: de spreang ceanndáine.

stailceach: *a.* (**stalcach, stailceamhail**) ceanntréan, ceanndáine, colgach, tormasach. Éist lé fuaimeant anois, agus ná bí stailceach: ceanndáine do dhéanamh do thola féin. Duine stailceach indiu atá ann, tá sé ag cur suas de gach rud: níl sé i mbun aonnidh do dhéanamh agus ní mór gur féidir labhairt leis gan mío-shásamh do chur air. Iasc stailceach ag teacht seadh é seo: é ag stad 'sag tarrac d'iarraidh imtheachta. Ní bheadh a fhios agat cad dhéanfadh capall stailceach leat, bíonn a leithéid fealltamhail: ceann a obfadh tarrac go hobann. Ná bídh stailceach chun a chéile anois, nó bíodh an taobh amuigh agaibh trí chéile: mío-shásta, tógálach, tafantach ar a chéile.

stailcidheacht: *b.3.* pusaireacht, peataidheacht, athumhaltacht. Lán a bhaise ní dhéanfadh sé d'éinne indiu ná do féin lé stailcidheacht: sreang athumhalta i gcoinnibh gnímh nó bearta. Tháinig stailcidheacht uirthi ná déanfadh sí aon rud ar fuaid an tighe, is b'éigean éirghe suas di: mí-fhonn is suthaireacht. Ní bhfaghfá uaidh ach stailcidheacht chainnte: spreanganna mío-shásta. D'éirigheadar chun stailcidheachta chun a chéile: olc is míneáirighe. Bainfear an stailcidheacht san arm as: an ceanndáine agus an easumhalaidheacht.

stailín: *b.4.* stail bheag. Nách é an stailín é: balcaire teann buachalla.

staimpí: (**steaimpí**) *f.4.* císte aráin déanta de phrátaidhibh brúighte. Staimpí (dearg-staimpí) chughat!: léan ort: an diabhal ort: mío-ádh ort. "Raithineach, a bhean bheag, a bhean bheag, a bhean bheag, raithineach a bhean bheag staimpí is ím air!", curfá amhráin.

stainnc: *b.2.* neamh-shíbhialtacht, mianach searbh, olc, tormas, beart chun míchéadfadh do chur amach. Aon stainnc ní chuireann sé orm-sa tú bheith ag déanamh glóir d'iarraidh me chur amudha ar léigheamh: goilleamhaint. Is mór an stainnc é ná labharfadh sí lé duine: a srón casta anáirde aice. Cuireann sé stainnc air ná faghadh sé féin cuid den rud atá ar siubhal: goilleann sé air: cuireann olc air. Ná bíodh aon stainnc agat d'éinne, maith dóibh: ná fanadh olc agat do. An sárughadh a bhaineas an uair úd fadó as tá sé ina stainnc fós aige dhom: tá sé ina olc istigh aige dhom. Ag déanamh stainnce orm-sa tá sé san ag gleódhghail mar sin: d'iarraidh me do chiapadh. Nár imthighidh an stainnc díot: an doicheall.

stainnceamhail: *a.* neamh-shíbhialta, doichilleach, mío-mhúinte. Níor chuibhe dhuit aon rud do dhéanamh a ghriogfadh é, tá sé stainnceamhail: cothuigheann sé faladh. Ní beag duit me d'eiteach gan bheith stainnceamhail liom, ní haon déirc atá agam dhá lorg ort: neamh-shíbhialta. Mara bhfaigheann sé an rud a bhíos uaidh bíonn sé stainnceamhail: nimhneach, mío-shásta. Cad is stainnceamhla 'ná duine dot eiteach tar éis do bheith fial leis?: is mó a chlipfeadh is a chrádhfadh thu.

stair: *b.2.* cunntas in órd ar imtheachtaibh dúthaighe, duine, etc.; seanchas, foras feasa; eachtra; seal. Stair na hÉireann: cúnntas forasta ar an sraith imtheachta a thárluigheas ó thúis i mbeatha is i saoghal a treabh. Stair na Gaedhealainge: cúnntas a fáis is a heascair. Léigh stair as an leabhar so dhom: sliocht nó eachtra. Chaitheas stair mhór ag feitheamh leis go dtí go rabhas tuirseach: tamall an-fhada. Ní raibh sé sásta tar éis a raibh ráidhte aige gan stair eile do chur as: babhta cainnte. "An raibh braon ólta aige?" – "ná bí ag cainnt, bhí sé ar na starthaibh!": mór-chuid Éireann caithte aige. Is níor stadas den stair sin go dtána 'on Daingean ar chuaird: den imtheacht san, sciúird. Leigidh d'bhur starthaibh: éirighidh as bhur n-eachtraidhthibh. Beidh startha an domhain tar éis a thurasa go hÁth Cliath: cúnntaisidhe: eachtraidhthe ar an áit is ar dhaoinibh. Bheadh eagla air aghaidh do thabhairt ar an mbaile gcéadna san, tá a stair ges na daoinibh ró-mhaith annsan: cúnntas a imtheachta. Stadadh i lár a staire istigh é: cúnntas: cur síos. An bhfuil aon stair agat chughainn?: eachra nó cur síos ar aonnidh. Cuirfear deireadh léd starthaibh-se: leis na cainnteannaibh a bhíos agat. Thug sé stair mhór dá shaoghal (bliadhain, maidean etc.) againn: seal. Déinimís stair rinnce: caithimís tamall leis.

stáire: *f.4.* duine gur cúram is lugha bhíos ag déanamh buadhartha dho. Ní tháinig ár stáire-ne chun aon tighe ó mhaidean: stádaire. Téighir i bhfeighil ruda éigin do dhéanamh duit féin agus ná bí ag imtheacht id stáire is do cheann san aer agat: duine gur fearr leis bheith ag imtheacht lé díomhaointeas 'ná dul i mbun gnótha.

stáirrseach: *b.2.* léimreach fhuadair is bhuile. An dóigh leat go gcuirfidh do chuid stáirrsighe eagla ar neach annso?: cuir uait, is glac ciall, a mhic ó: fionnach is léimreach. Nár imthighidh an stáirrseach dhíot, munab ort atá an smailc: fuadar is strán.

stairric: *b.2.* bior, beann, buac, stuaic. Carraigeacha garbha is stairricidhe ortha: stuaiceacha árda, géara. Cnoc a éirigheas ina stairric seadh é: go hárd ina bheann.

stairriceach: *a.* garbh, sprochaideach, seachmallach, ait, tuaisceartach. Duine mós stairriceach i mbun siopa atá ann, ní mór an clogadh d'fhoidhneóchadh sé: tuaisceartach: claon lé bheith duaismeánta. Is deacair cóstáil leis, ní bheadh a fhios agat connus é d'ionnramháil. Duine atá stairriceach seadh é: ceanndáine ina thoil féin: stailceamhail: neamhfhéicheamhanta: taomanach: taodach. Bhíomair ró-stairriceach, mise is mo bhean is cheapamair gur bh'fhearr scaoileadh maith ná droch-phósadh: gach éinne ag leanamhaint a thola féin. Oileán ró-stairriceach atá ann ní fhéadfadh aon áthrach aoir túirleang ann: garbh, cnapach. Faill stairriceach ná raghadh gabhar ar barra innte: a scéimh ag éirghe i bhfad amach. Ó an diabhal me go bhfuil sé an-stairriceach, ná cuireadh éinne chuige ná uaidh: réidh lé lasadh chun buile ar a luighead cúise: stuacach.

stairriceacht: *b.3.* duaismeántacht, tuaisceartacht, stuacacht. Cuir uait an stairriceacht ach má táir chun luighe linn luigh, neachtreaca fág: tuaisceartacht. Buachaill mín amuigh 'si mbaile, ná fuil aon stairriceacht ag baint leis, atá ann: tuaisceartacht: ná fuil aon fonn air a bheith cor. Ní bheadh a fhios agat connus é d'ionnramháil lé stairriceacht: aiteas: claonadh lé connstrabháil.

stairricín: *f.4.* beann chloch nó fhód tógtha ar theórainn clathach mar chosaint ar ainmhidhthibh foghla: barra árd caol, círín, dual ar chaipín éan etc. Na stairricínidhe: clocha, carraigeacha caola, árda. Dá mbeadh stairricín i dteórainn na gclathach ní raghadh na hainmhidhthe thar claidhe. Bíonn stairricín ar cheann fuiseóige: dual clúimh. Má bhíonn stairricín in aon ghiorracht do is ann do gheóbhair an gabhar choidhche: aon bheann árd, ghéar. Stairricínidhe cloch aníos tríd an mbóthar: clocha bioracha. D'imthigh an stairricín dom chaipín: cnapóg bheag dhualach anáirde 'na mhullach.

stáitse: *f.4.* árdán, árdán fé staiceachaibh nó barraillidhe nó fé théadaibh chun lucht oibre ag gabháil de shaoirseacht; taca staiceach do nadhbhóig, beistidhe bainne, etc.; ionad. Thuit an stáitse is marbhuigheadh an saor: an tógáil adhmaid nó eile go raibh sé ag obair air. "Téanam abhaile" – "ní raghad; sid é mo stáitse go maidean": ionad: fanfad. An tigh tábhairne a stáitse gach aon oidhche: an t-ionad do ghnáthuigheann sé. A theinteán féin an stáitse is fearr ag éinne: an ball is fearr chun bheith ag brath air. Sé ifreann do stáitse, mara leasuighir do bheatha: is ann do raghair. An uaigh ár stáitse déidheannach go léir: an triall. Dhéanfadh sé a bheatha ar an stáitse: ar fléige na himeartha is aisteóireachta.

staithte: (**stoithte**) *a.r.* tairngthe, stollta, stracaithe, bainte ó phréimh. Bod staithte, a tugtar ar fhear ná bíonn feardhacht ná brigh síoluighthe ann. Mórán fiacal staithte agam: bainte amach. An bhfuil an t-airgead staithte fós agat as?: tairngthe ar áis nó ar éigean.

stálaithe: *a. n-dh.* gan bheith úr, cuid mhaith dá smior imthighthe as, cruaidh lé haois, tur, stanngtha, séasúrdha; seannda; leamh. Arán stálaithe: a bhíos bácálta i bhfad. Adhmad stálaithe, ní fada bheidh sé ag glacadh teineadh. Táim stálaithe ó bheith istigh: stanngtha. Fág an teine, is mithid a bheith stálaithe aice: téidhte go mór. Capall stálaithe, níl aon bheann ar obair anois aige: atá díomhaoin, gan aon rud do bhaint as na cnámhaibh aige. Fual stálaithe: a bhíos in árus ar feadh i bhfad. Fíon stálaithe: go mbíonn blas leamh tagtha air. An leann dubh sa tsoitheach ró-fhada, tá blas stálaithe air: géar.

stalca: *f.4.* aon rud a bheadh teann, do-lúbtha; maidhm; scartadh; aonnidh a bheadh trom doi-leachta, gan cor as. Á, mhuise, is é siúd an stalca: duine gur furaiste olc do chur air: gur deacair corruighe do bhaint as ná ádh d'fhagháil air. Rinne an chainnt do tugadh do stalca dhe lé n-a buirbe: dhein sí staic de: chuir sa tslighe is ná raibh cor ná smiog as. Dhein stalca dhíom nuair thuit sé marbh orm i gceann mo chos: cuireadh sa tslighe me is mar bheinn ceangailte den dtalamh. Dá mhéid an meas a bhí aige air féin dheineas stalca dhe le ceisteannaibh: chuireas staic ann: bhaineas dá bhonnaibh é: chuireas sa tslighe é is ná féadfadh sé freagra ar bith do thabhairt orm. D'fhan an biadh ina stalca im ghoile: ceangailte ar a chéile ina bhalc. Buaileadh an tarbh idir an dá adhairc agus deineadh stalca fuar marbh de: clais gan cor as. Rinneadh stalca de gach rud dá raibh ag fás ag an dtiormach: chruadhaidh sé. Ar feadh tamaill do chiúnuigh sé, ach tháinig stalca eile ann: spreang go raibh ar an aiste chéadna airís.

stalcadh: *f.* (*-ctha*) do theannadh, thachtadh, chruadhadh, d'fhuinneadh is d'fháscadh ar a chéile. D'iarraidh thu do stalcadh leis an éitheach atá sé ná géill d'aon fhocal dá n-abrann sé: tu do thachtadh. Chuirfeadh a chuid cainnte stalcadh id chroidhe: ghoillfeadh sé air gur dhóigh leat go stadfadh sé. Dhein bás a mic í do stalcadh: a luadhaill do bhaint di. Cad é an mhaith bheith ghá stalcadh lé biadh, is amhlaidh a chuirfeadh casadh ina n-aigne: ghá bpalcadh leis.

stalcaim: (**stalcuighim**) *b.a. 7 n-a.* teannaim, balcaim, cruadhaim. Má fágtar ró-gheairrid don dteine é stalcfaidh sé: tiormóchaidh agus cruadhfaidh. An rud gránda a dhein sé do stalc sé me: bhain sé mo chainnt díom: cheangail sé den dtalamh me. Do stalc an biadh ina ghoile: do dhein cnapán de. An iongadh leat é do bheith breóidhte, duine a stalc é féin lé biadh: a líon go teann. Stalcann tú mo chroidhe ar an gcuma ait do bhír ag cainnt: ní mór ná go gcuirir ina stad é. Do stalcfadh sé le droch-chainnt thu: chuirfeadh sé cosc ort.

stalcaire: *f.4.* duine, ainmhidhe, etc. ceanndáine, a bhíos ath-umhalta, mío-shásta. Mar a chéile dhuit bheith leis an stalcaire anois nó bheith ag cuimilt do mhéire de chloich ní haon rud do dhéanfadh sé ort: duine ná géillfeadh do chomhairle ná do réasún. Stalcaire capaill: capall a bheadh ag cur stailce suas. Nách tu an stalcaire ná tiocfadh liom: duine ceanndáine, ná déanfadh ach a thoil féin. Stalcaire bric: breac dána, a throideas go dian i gcoinnibh a bheartha ar port.

stalcaireacht: *b.3.* ceanndáine, ath-umhaltacht, tormas is míoshástacht rud do dhéanamh. Ní stalcaireacht a dhéanfadh do chapall treabhadh: tarrac is stad obann. Rámhaidh go réidh, cómhshnáthach, agus ná bac ded chuid stalcaireachta: léimreach: stracadh is útamáil. Chuaidh sé chun stalcaireachta ar maidin is ní raghadh sé ar scoil: tháinig ath-umhaltacht is neamhfhonn air ná corróchadh sé. Ná tagadh aon stalcaireacht anois ort, déin go réidh é: ná bíodh aon fhuadar suaidhte fút. Ní fhéadfadh sí an bhó do chruadhadh lé stalcaireacht: í bheith ag speachadh is ag corruighe go suaidhte.

stalcghail: *b.3.* droich-mhianach, ceanndáine, ath-umhaltacht, neamh-fhéicheamhantas. Dubhart leis go mín an tigh d'fhágaint ach in ionad rud do dhéanamh orm is amhlaidh do chuaidh sé chun stalcghala: dul im choinnibh go mío-shásta. Tá sí lán de stalcghail, ní dhéineann sí ach mar is maith léi: cuireann sí suas d'aon rud ach dá toil féin. Ní chorróchadh sé cos ach dul lé stalcghail: diúltadh do dhul ar aghaidh go hath-umhalta, goirgeach. Iasc an-láidir atá ann, tá stalcghail an domhain air: míneáirighe: dúire gluaiseacht.

stalctha: (**stalcaithe, stalcuighthe**) *a.r.* stangtha, cruaidhte, teannuighthe, palcuighthe. Na gais stalctha i mbéal na cré ag an spalladh tiormaigh: stadta d'fhás. Táim stalctha ag an gcainnt sin, tá sí ró-mhaith dhom: curtha im stad. Beidh mo chnámha stalctha ó bheith sa leabaidh má coimeádtar innte mé lé hórdughadh an dochtúra: stangtha: ceangailte dá chéile.

stalughadh: *f.* (*-uighthe*) do chríonughadh, do chruadhadh, do shéasúrughadh. Beidh an t-arán ag stalughadh mara n-ithtear é, tá sé ró-fhada bácálta: ag dul i dtiorma is i dtuire: snas ag teacht air. Cuir an bloc tais cois na teineadh is beidh sí ag stalughadh: ag fáscadh is ag tiormughadh. Dhe, mhaise, tá sí ag stalughadh, is mithid di crích éigin do chur uirthi féin: ag críonadh lé haois: an úire ag imtheacht as a cneas. Ná caithfeadh sé cuid den airgead, an ag stalughadh a fhágfaidh sé é?: ag críonughadh gan áis do bhaint as: snas do leigeant air. Ní fada eile ná go mbeadh an fíon ag stalughadh sa tsoitheach bhí sé ann ró-fhada: go mbeadh sean-bhlas ag teacht air.

stáluighim: *b.a. 7 n-a.* tiormuighim, críonuighim. Stálóchaidh an t-iasc garbh os cionn na teineadh: tiormóchaidh chómh mór san go mbeidh sé briosc. Nuair bainfear an crann stálóchaidh sé: tiormóchaidh is cruadhfaidh: imtheóchaidh an sughlach as. Stálóchair ó bheith istigh mara ngeóbhair amach fén aer: déanfaidh "cipínidhe" ded chnámhaibh. Stálóchaidh sé go maith sa bhaile sara nglaodhfad-sa airís air: beidh sé suidhte síos go neamh-chúramach. Stálóchaidh an leann dubh sa tsoitheach aca go maith sara bhfaghfar éinne a ólfaidh é ar a dhaoire atá sé: tiocfaidh snas air.

stáluighthe: *a.r.* críonuighthe, stangtha, fadhartha, sean-bhlasta, séasúrtha. Fir chruadha stáluighthe chun catha: fadhartha: ar aiste mhaith throda. Tá an t-iasc chómh stáluighthe ó bheith os chionn na teineadh go bhfuil sé ar nós an chipín: cruaidhte. Gan an t-adhmad bheith stáluighthe a dhóthain d'osclóchadh an bórd ó chéile tar éis tamaill: séasúrtha. Mún stáluighthe lé cur ar dhath: coimeádta ar feadh i bhfad in árus. Mo ghéaga chómh stáluighthe lé díomhaointeas gur deacair agam iad do lúbadh: stangtha. Níl rith ná rás

ionam, táim ró-stáluighthe: m'fhéithleóga cruaidhte. Bean stáluighthe seadh í anois, tá sí in aois a pósta go maith: ag tosnughadh ar chasadh nách mór. Aon diabhal maith níl sa phluga tobac so, tá sé stáluighthe: é cruaidhte, críonuighthe, an sughlach imthighthe as.

stáluightheacht: *b.3.* stangthacht, crínneacht, séasúrthacht, fadhracht. An t-arán ní fhéadfainn a bhlas lé n-a stáluightheacht: tuireacht: cruadhacht: snas ag teacht ar lé haois. Ar a stáluightheacht atá a chnámha anois ní fhéadfadh sé gan fuinneamh is neart do bheith ann: fadharthacht. D'éirigh an t-adhmad dá chéile 'na scolbaibh lé n-a stáluightheacht: a shéasúrthacht: tiormacht a fhaid a bhí bainte. Boladh láidir coimhtheach ón maochán lé n-a stáluightheacht: a fhaid a bhí sé ar coimeád ina stad. Blas gránda ar an leann dubh ó bheith ar an silleadh sa tsoitheach lé n-a stáluightheacht: a fhaid ann é.

stampa: *f.4.* gréas, cómhartha, sighniughadh nó eile, buailte lé nárd; cómhartha áirighthe ar earra chun dearbhtha an té gur leis é, a dhlistineacht etc.; foirb, etc. Cuir stampa ar an leitir. Cad é an stampa puist atá uirthe?: an cómhartha a dheimhnigheas cár cuireadh i bpost í. Stampa leath-chorónach. Cladhaire atá ann agus é de stampa air: cómhartha.

stampáil: *b.3.* do chur stampa ar. Ag stampáil na leitreach: ag cur stampaidhe ortha nó cómhartha na hoifige ina gcuirtear i bpost iad.

stampálaim: *b.a.* cuirim stampa ar. Stampáil an beartán san, na leitreacha, etc.

stampálta: *a.r.* (**stampuighthe**) cómhartha áirighthe (post etc.) curtha ar. Na beartáin is na letireacha stampálta: go mbíonn cómhartha oifige áirighthe curtha ortha. Tá sé stampálta ar a éadan súd nách maith an earra é: scríbhte air.

stán: *f.1.* miteal bán, soi-liocuighthe ná goilleann an t-aer puinn air; árus déanta den mianach san, teinne, teallaireacht. Tá sé ina stán agat, ní fios do cad is ceart do do rádh: ina chácar: ina ghabhar: i bponnc. Tá sé ina stán le digh: ar na stárthaibh: lán suas go poll an phaidrín. Beir id stán ón mbiadh: palcuighthe. Ní dhéanfadh sé dá cheann leat, ní éisteóchadh nóimint leat: ní bheadh ghá bhodhradh féin leat. An airgead stáin é sin agat?: airgead bréagach. Déanfaidh sé stán díot: buaidhfidh sé pic ort. Ní bhíonn na stáin dhá ghlaodhach chómh flúirseach agus bhíodh: deoch (in áraistidhibh stáin). Beir leat stán uisce: árus stáin, beag nó mór. Thárlaidh an-chath idir ridiridhibh an stáin: tuinncéiridhe.

stánadh: *f.* (*-ntha*) (**stánáil**) líonadh, palcadh, bualadh. Bhíodar ghá stánadh lé digh gur chuireadar ar na stárthaibh é: ag teannadh na dighe leis. Casúir is úirlisidhe eile ag gabháil aca ar a chéile gur thugadar árd-stánadh dá chéile: smísteáil agus leadradh.

stánadóir: *f.3.* gabha geal, tuinncéir. Chuireadh an stánadóir goradh air.

stánálaim: *b.a.* líonaim, palcaim, leadraim. Stánáladar iad féin lé digh i slighe is ná raibh hob ná héibh as neach aca: líonadar go smeig. D'éirigh bruighean eatartha i dtigh an leanna is stánáladar a chéile ó thalamh: bhuaileadar is léasadar.

stánáil: *b.3.* áis do bhaint as stánaibh. “Is mór go léir an stánáil í”, ars an fear nuair chonnaic sé gach éinne ag glaodhach ar dhigh. Thárlaidh stánáil cheart eatartha, shaoil gach éinne nár bh’fhéidir iad do chosaint ar a chéile: bualadh is batráil throm.

stanga: *f.4.* aon rud a bheadh cruaidh, do-lúbtha, préachta, géar, reamhar etc. An stanga gaoithe atá lé coighcíos ann, ní mór an fás innte: gaoth an-thirim, an-chruaidh. Rug lá cruaidh oibre orm, ó! mo chnámha, táid ina stanga: crapaithe. Na gais ina stanga ag an dtiormach: cruaidh, casta ar a chéile. Bainne ina stad ró-fhada ar an méis, tá sé ina stanga: righin géar. Áth ná ealadha ní bhfaighfeá ar an stanga (fir, mná) san: níl aon teacht aniar ann. Táim im stanga mharbh, is dócha gurb í an aimsir atá ag cur orm: cnámha troma agam.

stangadh: *f.* (*-gtha*) cruadhadh le tiormach, strus, etc., reamharughadh is ag géarughadh; líonadh, palcadh. Riamh, riamh nuair gheóbhadh an t-amplóir an chao air ghá stangadh féin lé biadh: ag itheadh mórchoda. De cheal oibre táim ag stangadh: ag casadh ar a chéile. An t-adhmad ag stangadh sa bórd: ag crapadh is ag fiaradh. Fág ar a bhuille anois é, ná bain aon stangadh as: ná cuir amudha é: ná cuir as a scríb é. Leis an aois mhór atá aige, tá ceann Theampaill Ghallaruis ag stangadh: tá lag ag teacht sa tsaoirseacht.

stangaim: *b.a. 7 n-a.* fiaraim, crapaim, cromaim, palcaim. Stang lé n-a dhóthain bídh é: palc: tabhair a dhóthain do. Stangfair leis an strus go léir atá ag breith ort: ceanglóchaidh do chnámha dá chéile. Stangfaidh mo dhrom leis an ualach atá orm: tiocfaidh clais ann. Do stang na gais leis an ngála: do chromadar. Stangfair lé díomhaointeas: casfair ar a chéile. Stangfadh sé ort ar phrap na súl dá mhéid muinghin do bheadh agat as: chlisfeadh sé ort: theipfeadh ort rud do dhéanamh duit.

stangaire: *f.4.* obthach, stalcaire, etc. Aon phingin dá fhiachaibh ní dhíolfaidh an stangaire choidhche leat: duine a obas ar a dhualgas. Stangaire mná nár fhliuch béal an deóraidhe riamh: ná déanfadh déirc ná maith. Ná bí id stangaire, déin rud éigin: duine díomhaoin, neamh-éascaidh. Connus bheadh ag an stangaire ach dul go hait, nár dhein rud do féin riamh ná d’éinne eile: duine ná cuireann aon chrích air féin.

stangaireacht: *b.3.* fánaidheacht, talcaireacht, suthaireacht, neamh-mhaitheacht. B’fhearr liom dul ag stangaireacht ’ná bheith ag obair ar thuarastal shuarach: bheith ag gabháil tímcheall lé corp díomhaointis. Stangaireacht atá air ná déanfadh tairbhe ná comaoin do neach: neamhmhaitheacht. Dá mbeadh an stangaireacht bainte amach as lé lasc: neamhfhonn oibre.

stangcárd: *f.1.* (**stanncárd**) ciapadh, clipeadh, droich-mhianach. Bheadh stangcárd orm leat, dá mbudh dhóigh liom gur mhór leat a n-íosfá orm: bheadh mío-shásamh orm leat. Cuirfir chun stangcáird é má deirir ná hoireann a chulaith do: ciapfair é. Bheith ag tabhairt gach re seadh dá chéile, ní bheidh ann i ndeireadh dála ach stangcárd: droichmhianach is clampar. Cad chuir an stangcárd so ortha gan chúis gan adhbhar?: spuaic: clipeadh.

stangghail: *b.3.* fiaradh, cromadh, neamhfhonn gluaiste. Luath nó mall caithfir é do dhéanamh, ní haon mhaith dhuit bheith ag stangghail: ag cur i gcoinnibh a dhéanta: bheith ag tormas. Ceann an tighe ag tarrac uisce, tá sé ag stangghail: lag ag teacht ann. Is áidhbhéil an tiormach é, gach aonnidh ag stangghail leis: ag cruadhadh is ag fiaradh. Ní mór a bheidh buaidhte againn lé bheith ag stangghail anois, ach leanamhaint ar aghaidh: ag cnúbháil: ag grogadh. Is beag an stangghail a bheadh air dá mbeadh ocras air: tormas is cur suas den mbiadh.

stangtha: *a.r.* fiartha, cromtha, crapaithe, préachta, reamharuighthe, géaruighthe, críonuighthe. Mo chnámha stangtha tar éis na siubhlóide ná féadfainn troigh eile do shiubhal: táim im staic: táid crapaithe liom. Bheifeá stangtha ag an bhfuacht fé mhaidean cois an chlaidhe mara mbeadh an fhóirthint: crannruighthe: casta ar a chéile ná féadfá cor do chur díot. An bainne stangtha ó indé ar an árus toisc gan é d'ól: géaruighthe, reamharuighthe. An mála stangtha lé prátaidhibh: palcuighthe. An iomad eólais atá ort, táir stangtha leis: lán suas de.

staon: *f.3.* sos, maolughadh. Ní théigheann aon staon ar an bhfeairín bocht ach ag lógóireacht lé méid an tinnis: lag: sos: maolughadh. Cuir do dhá láimh ar an mbaile, ná déin stad ná staon ar chomha na ar chleas go sroichir é: ná maoluigh ded shiubhal. Cuir staon ar do láimh nó déanfair do bhotún: cuir cosc léi. Biadh is deoch gan staon do shíol Éabha is Ádhaimh: gach nidh siar síos ann.

staon: *f.4.* daingneacht, dlúthacht. Ní mór ná go bhfuil sé briste, ní bhfaighim aon staon fém chois ann: tathag: neart: daingneacht.

staonadh: *f.* (*-ntha*) lúbadh, cromadh, fiaradh, scur, cosc, maolughadh, tréanas. Táid ró-láidir anois, ní féidir aon staonadh do bhaint asta, gheóbhaid lastuas den Eóraip: stad ná cosc. Níor bh'aon mhaith dhómh-sa bheith d'iarraidh é do staonadh ní ghéillfeadh dom is ní éisteóchadh liom: é do chosc ar leanamhaint dá thoil. Dá dtagadh aon staonadh air do thabharfainn fé: dá maoluigheadh an tsín. Go dtagaidh staonadh ó Dhia air, tá sé an-olc, an-chonntabharthach: scur: sos. Dathad uair thástáil sé ar staonadh ón ól, ach ní raibh sé de neart aigne ann: scur de: éirghe as. Cuireadh cuibhreach maith, cruaidh air, is mara mbainfidh san staonadh as ní fios cad bhainfidh: baint dá fhuadar: maolughadh do chur air.

staonaim: *b.a. 7 n-a.* coiscim, maoluighim, tréigim, cúlaim. Staon! adeirim leat: scuir: stad. Staon do lámh, tá an iomad dhá chur san árus agat: cúb: ná bí chómh rabairneach. Cathain staonfair den ól, tá sé ag déanamh raice dhíot?: cathain thabharfair suas é. Níor staon an fhuil go raibh an braon déidheannach sillte aige: níor stad de ghluaisteacht. Ní staonfadh sé ón éitheach dá mbainfí an ceann de: ní thréigfeadh é. Is áidhbhéil a bhfuil de chainnt agat, staon tamall éigin: stad di. Nuair chonnac an cuthach a bhí air agus an fonn clampair staonas uaidh: chúlas. Nár bh'uathbhásach an t-anchúinse duine é gur dhearbhuigh sé ná staonfadh do Dhia ná do dhuine: ná sosfadh, ná stadfadh. Lé tamall anois do staon sé, níor fhan a leath ann: chuaidh sé chun deiridh. An tsúil atá aige do staonfadh an diabhal féin roimpe: do chúbfadh: shillfeadh sí le heagla.

staonta: (**staontha**) *a.r.* coiscthe, stadtha, scurtha, maoluighthe, tréigthe. Is fada staonta dá chéile iad, níor chuireadar bréag ná scéal ar a chéile: scurtha de bheith callúnach, clamparach. Is fada agus is buidhe an cogadh so ó bheith staonta: stadta. Táim staonta de chómhairle do thabhairt do ar a raibh de mhaith dhom ann níor bh'fhearr dhom ná bheith díomhaoin: tá sé tugtha suas agam. Táim staonta agat: curtha im stad. Is fada staonta ó scoil é: í tréigthe aige.

stapal: *f.1.* sparra iarainn i bhfuirm "u", biortha ar dhá cheann mar fháisceán chun boltha etc. do choimeád i ngreim. Stapal glais. Chuireas stapal de thairnge tríd síos: tairnge teann, láidir. Thairng an capall lé strus an ualaigh na stapail as an leathlaidhe: na hiarnaidhe ar a mbíonn na tarraic gabhtha.

staraidhe: *f.4.* seanachaidhe, eachtruightheóir, scéaltóir. Budh bhreágh leat bheith ag éisteacht leis mar staraidhe, thabharfadh sé cunntas duit ar ar thárlaidh sa cheanntar leis na fichididhibh bliadhan: seanachaidhe: scéaltóir. Beatha an staraidhe fírinne: an té díobh ná hinnseann í ní mhaireann a cháil.

staraidheacht: *b.3.* seanachaidheacht, scéaltóireacht. I staraidheacht na hÉireann uile is deacair saighdiúir is fearr 'ná Eóghan Ruadh d'fhagháil: i rith a heachtra ar fad. Is iongtach an staraidheacht atá istigh ina cheann, thabharfadh sé cúnntas duit ar threabhachaistidhibh an cheanntair go léir is ar a n-imtheachtaibh: seanachas. Mo lá is mo shaoghal do thabharfainn ag éisteacht leis ag staraidheacht: ag déanamh comhráidh ar rudaidhibh atá imthighthe leis na ciantaibh. Chuir sé an staraidheacht go maith os chionn a chéile: an t-imteacht a bhí fé n-a eachtra.

starr-: (**stairr-**) *i gcfbh.* sprochaideach, teann. Cad n-a thaobh bheith ag stairr-fhéachaint orm?: ag féachaint i leathtaoibh. Bhíos ag stairr-fhéachaint air ghá dhéanamh: go cruinn agus go géar. Budh ghleóidhte an béal a bheadh aice mara mbeadh an dá stairr-fhiacail sin aice: fiacla ná luigheann leis an gcuid eile. Béal stairr-fhiaclach: go mbíonn na fiacla neamhchórach ann. Thugadar stairr-iarracht ar an gcathair do thógaint de thalamh, d'aer is d'fharraige ach chlis ortha: iarracht áidhbhéil, láidir.

starra: *f.4.* stracadh, searradh. Bhain an t-iascc láidir starra as mo dharadha, ní mór ná gur chuir sé tríom isteach é: stathadh, stracadh. Rug sé ar bhun casóige orm is bhain starra asam nách mór ná gur leag me: stathadh cruaidh.

starrach: *a.* garbh, sprochaideach, stacánach, clamparach. Bealach ró-starrach do ghluaisteán atá ann, shuaidhfeadh sé an t-ionathar ionat: garbh, neamh-mín. Faill starrach, nár bh'fhéidir lé héinne teacht ar barra innte: sprochaididhe cloch is carraigeach innte. B'éigean dom an tigh amach d'fhágaint aca, bhíodar ró-starrach dom: callánach, clamprach. Ní ólfá is ní íosfá, nách starrach ataoi: corr. Na fiacla starracha a bhíos ag coin stracfaidís leathar as a chéile: go mbíonn barra caol, géar ortha.

starragán: *f.1.* sprochaid, constaic, aon rud tútach, aindeis; stracaire, súgán féir, duine nó rud a bheadh stracaithe. Ar an bpléasclach mara mbíonn starragáin chonntabharthacha mar bheadh adharca: sprochaididhe: adharcáin. Is iomdha san starragán gur ghaibheas

tríd lém linn, agus d'fhágadar a rian orm: ponnc. Tá an chasóg ina starragán agat, cad a dheinis léi in ao'chor go bhfuil an íde sin curtha agat uirthi?: ina rud leibideach. Ar mh'anam ná fuil aon starragán ina ghlór so, gurb aige atá an raoid aighnis: cosc: stad. Seachain tú féin ar starragáin sráide: daoine a bhíos ag caitheamh a n-aimsire gan aon chúram áirighthe. Fasan! is ná bí id starragán rómham: duine sa tslighe orm. Ní raibh d'fháscadh tímcheall a choim air ach starragán: sugán féir.

starragánaidhe: *f.4.* guailneálaidhe, grogaire, duine neamh-fhothaineamhail. Tá sí ina starragánaidhe ag an gcois bhacaigh sin, tá sí leath-íseal: claonadh le taobh ag siubhal di. É ina starragánaidhe ge n-a dhroch-chosaibh: ag grogaidheacht ar thaobh. Labhair féin in ionad an starragánaidhe sin, ní bheadh a fhios agat cad é an rith focail a imtheóchadh air: tuathalán lé n-a theangain atá ann: níl aon aicillidheacht ná gliocas ann.

starraidhe: *f.4.* duine mío-mhúinte, guailneálaidhe, áilteóir, cleasaire. Dá mbudh starraidhe me do dhéanfaidh duit féinig rann do chuirfeadh an saoghal mór ag gáiridhe fút lé fonn: áilteoir: cleasaidhe seóidh. Sin é, leig do gach starraidhe sa pharróiste do bheith ag magadh fút: fear magaidh. Connus fhéadfainn siubhal i gceart nuair táim im starraidhe ges na droch-chosaibh seo: duine lag-ghlúineach, trom-chosach. Ní bheadh a fhios agat cad iad na cleasa a imreóchadh an starraidhe sin ort.

starraidheacht: *b.3.* iomchar mí-bhéasach, cleith-mhagadh. Cuir uait do chuid starraidheachta orm-sa, ní chreidfeadh éinne maith go bhfuilim chómh cliste agus deirir: cleith-mhagadh: cainnt phlámásach do dhéanamh seóidh fúm. Ná bí ag déanamh starraidheachta fé sheanóir: ná bí mí-bhéasach.

starraire: *f.4.* duine nó ainmhidhe go mbeadh stud-fhiacla aige. Starraire mná ní taithneamhach í. Starraire con a dhéanfadh géiridheacha díot ag cosaint an tighe.

starramhail: *a.* láidir, foirtil, daingean, dána. Is iongtach starramhail mar cosnuigheadh cathair Luimnighe: teann, seasamhach. Bacach starramhail: a bheadh ábalta ar rud do dhéanamh ach ná leigfeadh leisce dho é. Garsún starramhail, nár bh'fhada aige áis do dhéanamh: teann.

starrán: *f.1.* olc, fearg. Imthigheadh an starrán díot, níl cúis ná ádhbhar agat chun neach annso: an néall feirge. Nár mhór an starrán do cuireadh air gur bhuail sé ar a bhalcaisidhe, gur fhág an tigh is ná feacthas riamh ó shoin é: néall feirge ná ciúnóchadh. Ná tágadh aon starrán anois ort leis an méid a déarfad leat: ná héirigheadh fearg ionat. Cuirir starrán orm nuair chidhim cad é an tslighe go gcaithir do chuid airgid go háit: olc: suathadh. Starrán éigin indiu air lé duine éigin, ná labharfadh sé leis na daoinibh: suathadh déanta ar a dheigh-mhéin: tá curtha as do. Nuair tháinig an starrán ar an ainmhidhe mór chrom sé ar an bhfarraige do léasadh lé n-a earball agus sáile do chur san aer: buile.

starránach: *a.* buileamhail, néallach, doi-ionnramhálta, ceanndáine. Budh mhór an truagh é do bheith chómh starránach, mar is maith an duine é: claon lé taom feirge do theacht air. Bheadh a mháthair starránach leis dá mb'eól di go mbíonn sé ag ganfhiosaidheacht mar sin: bheadh mí-chéadfadh is fearg uirthi. Leig dom féin anois,

táim ró-starránach chun labhartha liom: crosta: tógtha chun feirge lé cúis éigin. Aon iontaoibh lé sciain níl annsúd, tá sé i bhfad ró-starránach: tugtha do néallachaibh feirge do theacht air.

stát: *f.1.* cuallacht daoine in áitreamh áirighthe i gcrioslach teóranta fé aondacht poilitidheachta fé árd-riaghaluightheóir nó riaghaltas, can. An saor-stát, a gairmeadh do sé chonntaethibh fichead d'Éirinn a bhain saghas saoirse ó Shasana. Na Stáit Aontuighthe: cuid de Thuisceart Mhearaice fé riaghaltas fé leith. Chaithfeadh sé stát dá mbeadh sé aige: sealbhantas mór talmhan. Cor níor chuir sé dhe, tá sé sa stát chéadna fós: ar an aiste, ar an gclódh is ar an gcuma gcéadna. Duine chómh fial san atá ann go mbronnfadh sé stát: a mbeadh aige.

stathaim: *b.a.* stracaim, tairngim, réabaim, stollaim, scriosaim. Chuiris an oiread san starráin uirthe go stathfaidh an folt díot: bainfidh sí an uile ruibe gruaige amach ós na préachaibh díot. Stath an bhean mhór léi an bhean bheag ar mhullach cinn, an doras amach: thairng ina diaidh í. Stath sé an leabhar as mo dhorn, go mí-bhéasamhail: thug sé tarrac grod, obann do. Nách mór an neart a bhíos in eileafaint go stathann sé an crann is treise as a phréachaibh: go scarfadh sé iad leis an dtalamh trí stracadh tréan. Stath na planndaidhe, táid ró-thiugh: bain as a bpréachaibh iad. Ná stath an chos asam: ná tairng go grod as mo chorp í! Stathas tor nó dhó craoibhe chun teineadh do dhéanamh: bhaineas idir phréach is uile aníos as an dtalamh iad. Stathfar anuas na tighthe seo ar fad atá millte ag pléascánaibh: leagfar na fallaidhe is scartfar an trufais. Stath an madra an t-éan as a chéile: stoll: strac. An t-earball go stathtar díot maran tú atá cáiréiseach ort féin: go ndéintear rud éigin leat do ghoirteóchaidh thu. Gan fiaclóir ná eile stath sé an fhiacal as féin lé prionnsúir: thairng aníos ón bpréimh. Stathann sé é féin: gleacaidheacht aonair. An iomad rámhaidheachta i gcoinnibh na gaoithe stathfadh na géaga as dhuine: thairngeochadh lé foirneart amach as a logallaibh iad. An bhliadhain do stathadh an t-arbhar (1826): a baineadh as an dtalamh ina ghlacaibh é.

stathadh: *f.* (*-aithte*) stracadh, stolladh, tarrac grod. Lé cráidhteacht is lé hanbhfainne chrom sé ar a cheann do stathadh!: bheith ag tarrac na gruaige dhe féin go neamh-réidh. An tarbh a bhí ar théid agam bhain sé stathadh asam a leag me: tarrac obann, grod, gonta. Cuirfir ag stathadh phréach as thalamh é léd chuid starraidheachta: lé fiadhantas. Ag rámhaidheacht tá an-stathadh ina ghéagaibh: tarrac láidir, acfuinneach. Bain stathadh as bhun a chasóige is iompóchaidh sé chughainn: breith uirthe is tarrac beag, fuinneamhail, grod do thabhairt di. Thug sé an mhaidean d'iarraidh me stathadh leis, ach cos liom ní chorróchadh do. Is iomdha stathadh do bhain an máighistir as a chluasaibh, cúis nó gan cúis: tarrac cruaidh, gonta. Beidh stathadh ar thobac a thúisce is thiocfaidh sé ar an ngabhair atá ar dhaoinibh chuige: stracadh is stolladh: glaodhach is trácht thapaidh, ghrod. B'áidhbhéil an gníomh na hearbaill do stathadh den stoc: do tharrac lé fóirneart amach ón gcnámh rúmpa. Bíonn sé ghá stathadh féin: ag imirt leis féin. Chrom sé ar an dtigh do stathadh anuas: do leagadh: do bhaint as a chéile is do chur ar lár. An stathadh diabhail atá ag an dtaoide sin dá bhfaigheadh sí greim ort: tarrac is sughadh láidir. Ag stathadh na bhfiacal: ghá mbaint ó phréimh. B'fhearr liom na súile do stathadh asam ná féachaint air ag déanamh rud gránda mar san: do phriocadh as an logall. An gcreidfeá é go bhfuil an croidhe dhá stathadh asam ag an gcruadh-shaoghal atá agam: greim chruaidh

ag breith air. Bíonn an-stathadh ag an mbreac ruadh dá luighead é: tarrac cruaidh, fuinneamhail obann. Ní bheinn ag stathadh na ngéag asam féin leat: ghom chur féin chun oibre a bheadh mós maith dhom. Truagh an truaghán fir atá aice ghá stathadh léi ar láimh mar bheadh leanbh starrach: ghá tharrac. Is fada go rabhadar ag stathadh a chéile anois: ag achrann lé chéile. Ag stathadh phunann as an stáca: ag tarrac cinn anois is cinn airís.

státamhail: *a.* go mórán sealbhantais talmhan: na mílte mílte acra aca.

stéagughadh: *f.* (*-uighthe*) d'aibiughadh, shéasúrughadh, fhadhradh. Tar éis a bhainte sa choill cuirtear an t-adhmad ina chúilibh móra mar a bhfágtar i bhfad é chun a stéaguighthe sara mbaintear áis as: críonughadh. Leig don adhmad stéagughadh, má bhainir áis anois as cúbfaidh sé: stálughadh: fadhradh: cruadhadh. Fág an chruithneacht i mála cois na teineadh is raghaidh stéagughadh uirthe: cruadhfaidh sí. Fágadh an coirce i bhfad sa stáca ag stéagughadh: ag cruadhadh is ag aibiughadh. Ar an méid díomhaointis atá beartha ort mara bhfuil stéagughadh dulta ar do ghéagaibh ní lá fós é: dulta i gcruaidheacht is i neart go mór.

stéaguighim: *b.a.* ₇ *n-a.* fadhraim, cruadhaim, aibighim. Stéagóchaidh a ghéaga go maith sara mbainfear aon obair as: cruadhfaid is fadharfaid. Stéagóchair go maith sara mbeidh aon bhaint agam-sa leat airís: cruadhfair: críonfair. Stéagóchaidh an coirce sa stáca i rith an gheimhridh: déanfaidh gráine cruaidh maith dhe. Stéagóchaidh an beathuisce sa tsoitheach ach eaga do thabhairt do: aosóchaidh agus feabhasóchaidh.

stéaguighthe: *a.r.* fadhartha, cruaidhte, aibighthe, aosuighthe. Beathuisce stéaguighthe: tá sé aosuighthe, aibighthe. Má dhéanfadh díomhaointeas an gnóth dho, budh cheart go mbeadh a ghéaga stéaguighthe go maith fén dtráth so: fadhartha. Eórna atá stéaguighthe ó bheith leis na ciantaibh i mála: cruaidhte.

steaig: *b.2.* rud neamhthairbheach. Gan gáire, gan greann nách é an steaig é: duine coimhtheach ná bíonn maith ná comaoin ar a láimh. Steaig fhliuch thalmhan í sin síos lé hais na habhann nách mór an toradh a gheóbhfá aiste: talamh gan íle ná tabhairt. Na madraidhe ní íosfadh an steaig fheóla so: feóil gan suiméar. Bliadhanta ó shoin bhíodh san ina fhear ghnaoidheamhail chainnteach, lé déidheannaighe tá steaig ar fad déanta dhe: duine tur.

steall: (**streall**) *b.2.* ₇ *3.* scartadh uisce, scaipeadh uisce, etc., i ngach treó ar thuiteam do rud trom ann, nó a chaitheamh; adhbhar leachta; gníomh fuadrach. D'éirigh steall uisce anáirde san aer nuair thuit an t-eiteallán 'on bhfarraige: scaip an sáile go fuinneamhail i ngach treó. Táid ag gabháil stealla ar a chéile leis na crántaibh cogaidh amuigh ins an bhfásaigh: ag bualadh is ag tuargaint a chéile go dian fíochmhar. Ní staonaid ach ag gabháil stealla ar a chéile leis an dteangain: ag tabhairt íde na muc is na madraidhe ar a chéile. Bítear ag gabháil stealla dhi ag baile toisc ná fanann sí ó shráideóireacht: ag fagháil locht uirthi is ag bagairt. Lé breis agus mí anois tá tinneas cromáin ag gabháil stealla dhíom: orm go dian gan aon tsos do thabhairt dom. D'fhan sí annsúd ag steall-fhéachaint orm gan cor do chur de láimh ná de chois ná oiread agus focal do rádh: ag dearcadh orm gan staonadh. Caith steall leanna duibhe san árus san, tá tart orainn:

taoscán. Dhein an madra steall fhuail i gcoinnibh an chuaille: braon go raibh fuinneamh leis. Dhein an fhaoileann steall nuair beireadh uirthi: scaoil sí uaithi adhbhar bog ina sconna. Tháinig streallaidheacha móra troma de dhruim fhalla an ché le neart gaoithe is farraige: sáile dhá scaipeadh san aer go trom. Ní leath maith agam duine do dhéanamh steall mhagaidh fúm ná beadh smailc air steall mhagaidh do dhéanamh fé: speal thapaidh. Chuir sé steall mhaith leanna duibhe im árus: taoscán is é do scaoileadh lé fuinneamh innte. Ní dheárna an steall bháistighe sin aon díoghbháil don gcuradóireacht, do bheith an talamh spallta: ádhbhar maith uisce is é theacht cuibheasach trom. Nuair bhíodh steall mhaith oibre déanta agam do stadainn agus bhíodh mo ghal agam: speal mhaith. Connus a bheadh a fhios aige cad bhí dhá dhéanamh aige nuair bhí sé ar steallaibh mheisce: ar na caorthaibh. Ní hí láir na streall a bhuaidh ach go háirighthe: a bheadh ag déanamh a cuid fuail go minic. An dóigh leat go dtiocfaidh aon steall chéille choidhche dhuit?: aon ádhbhar meabhrach. Léim steall lathaighe ó chrúib an chapaill ar mo chuid éadaigh nuaidh: do scaip sí soir siar ar an éadach.

steall- (**stealla**)-, **steill-** (**steille**)-**:** *i gcfbh.* bríoghmhar, cómhnaidhtheach. Tá súd ina steille-bheatha is é de chuma air gur fada bheidh: go bríoghmhar beo. Mac Uí Shéaghdha ina steille-bheathaidh: go bríoghmhar beó. Dá n-ólainn té ag dul 'on leabaidh ist oidhche dom chongaibheóchadh sé im stealla-dhúiseacht me: aon néall ní leigfeadh sé orm. Ní nath liom magadh ach ní thaithnigheann stealla-mhagadh liom: fonmhód is táir. Cuirfidh an deoch láidir sin ar steille-mheisce thu, ní bheidh cos fút: ar na stárthaibh: ar na caorthaibh. Steille-bhleaigeárd seadh é, is mise annso ghá innsint duit: ceann ceart aca. A thuilleadh 'on diabhal chughat, a bhean mhaith, é do bheith ag gabháil lastuas díot mar dheinis stealla-pheata dhe: ceann críochnuighthe aca. An ghaoth ag steille-shéideadh ar an mbinn ar feadh na hoidhche go fíochmhar, láidir, cómhnaidhtheach.

steallach: (**streallach**) *a.* scárdach, scaipightheach. Farraige an-steallach sa taoide lé n-a neart: bhrisfeadh sí i gcoinnibh báid is d'éireóchadh san aer go scaipithe. Nách steallach atá an leann dubh dhá riar agat: cuid mhór dhá dhortadh lé linn é do bheith dhá scaoileadh amach. Táir steallach, breallach: rudaidhe dhá dhortadh is ag tuiteam uait.

stealladh: *f.* (*-llta*) scaoileadh mach, scaipeadh is dortadh, caitheamh fuadrach. Ná bac thart é sin ná aonnidh a deir sé, bheadh sé ag stealladh éithigh go maidean duit: ag scaoileadh uaidh. Chaithfeadh sé a lá 'sa shaoghal ag stealladh cainnte lé héinne a bhuailfeadh leis: ag caitheamh cainnte. Aon nath níor chuir sé bheith ag stealladh éithigh annsúd ar an mbinnse: ag raideadh: ghá chur as chómh tiugh is thiocfadh a theanga air. Ag stealladh báistighe ó dhubh go dubh: ag cur go fíochmhar. Nuair chloisfidh sí an scéal so cuirfidh sé ag stealladh fhuail í: ag mún ina sconnaidhibh lé feirg. Asal fé eachmairt ag stealladh fuail is a cluasa scúighte: é ag teacht tríthe ina scárdaibh fuinneamhla. Ag stealladh eascainithe lé n-a chéile: ghá gcaitheamh chómh tapaidh agus d'fhéadfaidís. Fág id dhiaidh é, ní haon mhaith bheith ag gabháil de, beidh sé ag stealladh chainnte annsan uaidh faid agus gheóbhaidh sé duine a choimeádfaidh ceann cuinge dho: ag cur as gan sos. Ar stealladh na ngrást ar fad do bhí sé is a rádh gur chrom sé ar amhrán: ar mire lé meisce. Táid ar stealladh ag rómhar gan stad ó mhaidin indé: ar a ndícheall. Dá mbeitheá ar stealladh ó mhaidean mar táim-se, ní bheadh an oiread aighnis agat: ar saothar. Scuir! táir ag stealladh airgid ar gach éinne i rith an lae: ghá chaitheamh go rabairneach. Fear

breágh aca faid bheir ag stealladh dighe leó: ghá tabhairt dóibh go flúirseach, rabairneach. Ní dheaghas ar snámh in ao'chor ach an t-uisce do stealladh orm féin: do chaitheamh go fuinneamhail. Ní fhéadfadh éinne againn codailt ann do bhí an bháisteach ag stealladh anuas orainn: ag bualadh go fiadhain. Ní fhoidhneóchainn iad ag stealladh ort: ag cur síos, ag tromaidheacht ort. Ní fhéadfadh aon fhear bán an stealladh gréine úd d'fhulang: bualadh trom. Fuaireamair an-stealladh ag rámhaidheacht i gcoinnibh na síne: dalladh: tuargaint throm. Bí ag stealladh leat anois, sin a bhfuil agam-sa lé rádh: ag leanamhaint don bhfuadar a bhí fút.

stealladóir: *f.3.* scárdaire, streanncaire. Sé an stealladóir éithigh is mó ar dhá chois é: duine ná cuireann éitheach aon mhairg air.

stealladóireacht: *b.3.* ag caitheamh 'sag cur uisce soir siar, scárdaireacht. B'uathbhás féachaint ar an amhailt mhór fharraige ghá hiomlasc féin is ag stealladóireacht: ag cur uisce i ngach treó anáirde san aer. Mise ag stealladóireacht uisce as chalán ar an gcré chun mairtéil do dhéanamh di: ghá chrothadh lé scathán etc. chun a fhliuchta.

steallaim: *b.a.* ₇ *n-a.* (**streallaim**) caithim, streanncálaim, scaoilim uaim lé fuinneamh. Do steall an sáile isteach san aghaidh air: bhuail is scaip. Steallfadh sé éitheach go headarshuth bó ambáireach: scaoilfeadh uaidh é gan aon mhairg. Nuair bhuaileann an uain i gcoinnibh na carraige éirigheann sí agus steallann: imthigheann sí gach aon treó lé fuinneamh. Steall sé airgead i dtigh an óil gan aon chuimhneamh aige ar cad bhí dhá dhéanamh aige: caith go rabairneach é. Stealladh ó thalamh sinn ag gabháil tríd an ngairbhthean taoide, bhíomair fliuch go cnámh: cuireadh sáile lastuas dinn. Steall na hainmhidhthe is iad ag rith tríd an bpluda isteach sa bhrollach orm: leath is scaip go salach. Steall leat, níl éinne annso i mbun teacht treasna ort: lean ar t'aghaidh chómh fuadrach agus is maith leat. Steall sé cac uaidh leis an eagla: scaoil cac lé fuinneamh.

steallaire: *f.4.* scárdaire, streanncaire, feadán, seadaire, etc. Chuir an dochtúir stuif ina chuislinn lé steallaire: scíordán: feadán ina súightear beacht is go séidtear as lé luighe air é. Agus Éire do shiubhal ní bhfaghfá steallaire eile éithigh mar é innte: duine a chuirfeadh éitheach de chómh bog gan mairg ná spéis san bhfírinne. Is tú an steallaire grinn is suilt, dhéanfá cuideachta do lán tighe: seadaire duine go ritheann siad uaidh ina sruth. Bheadh sé air agat an steallaire úd do chur ina thost: duine go mbíonn rith seama nó buinne cainnte fé.

steallaireacht: (**streallaireacht**) *b.3.* streanncadh, scárdaireacht, buinne cainnte. An lá go léir caithte ag steallaireacht i dtighthibh na gcómharsan aice is a cúram gan déanamh: ag cur cainnte aiste gan stad. Aon fhocal ní chreidfinn uait, níor chuala riamh agat ach an steallaireacht: éitheach. Cuir uait a thuilleadh steallaireachta, táimíd traochta agat lé ráiméis: rith cainnte, bréag nó éitheach. Gunna pléascáin ag an leanbh is é ag steallaireacht uisce ar an úrlár leis: streanncáil: ghá shéideadh ar fuaid na háite. Ní rámhaidhe maith báid í bíonn an iomad streallaireachta aice: nuair bhuaileann brúigheann sí cuid mhór uisce uaithi.

steallghail: (**streallghail**) do scaoileadh ina streanncachaibh, uisce nó aon leacht eile do teacht ina streallaibh .i. ina sconnaidhibh obanna, fuinneamhla. Leis an ngearradh a bhí dhá dhéanamh ag soc na luinge, bhí sí ag steallghail sáile: ag cur streannc sáile uaithi lé fuinneamh. Shaoileas ar maidin go bhfliuchfadh sé ar fad ar an steallghail a bhí air: clabhtaidhe troma báistighe ar aitreamhaibh. Tabhair aire don leann dubh, ná leig do streallghail: dortadh uait ina streanncaibh. Breac mór, láidir sa líon is é ag streallghail lé n-a earball: ag bualadh an uisce, ghá scaipeadh i ngach treó. Olc, garbh, suaidhte a dóthain do bhí an tsruth thaoide, steallghail ag teacht ar bórd go minic againn: clabhtaidhe sáile a spréidheadh thart tímcheall. Ag steallghail fhuail i gcoinnibh an fhalla: ag déanamh an mhúin go fuinneamhail.

steallta: (**streallta**) *a.r.* caithte lé fuinneamh, streanncaithe, curtha nó scaoilte as. Táim steallta agat leis an uisce: é doirtithe, scaipithe agat orm lé fuinneamh. Cé fhéachfaidh siar anois air nuair tá a chuid airgid steallta aige ar lucht póite i dtighthibh leanna?: caithte, scaipithe gan aon áird. An bainne steallta ag an mbuin fén úrlár: doirtithe, scaipithe.

steamar: *f.1.* blúire beag, luid. Níor fhan steamar meabhrach i gceann éinne againn nuair iadhadh an ceódh isteach orainn, níor bh'eól dúinn soir seachas siar: luid: an chuid budh lugha. Dá mbeadh aon steamar céille aige ní dhéanfadh sé rud chómh hait sin: luid, néall, pioc. Dhall an solas láidir chómh diabhalta san me nár fhág sé steamar radhairce agam: léas: pioc. Níl, is ní raibh riamh, steamar maitheasa sa steaig: a luighead maitheasa.

steámar: *f.1.* maothachán stálaithe mar cuirtí ar phlainín chun a reamharuighthe. Feodh! tá boladh an tseámair uaidh: bréan.

steámar: *f.1.* mórdháil, tóstáil. Is mór go léir an steámar fé dhuine bhocht é má thuit beagán airgid air ná leigfeadh sé air go bhfeiceadh sé na daoine: meas agus lán nár dhual. Is mór an leac-steámar atá anois fútha ó éirigheadar céim sa tsaoghal, ní aithneóchaidís daoine bochta in ao'chor: lán deiliúsach: bromaireacht.

steámarach: *a.* mórdhálach, lánmhar. Riamh níor bhuail aon bhean liom is leac-steámaraighe 'ná í, an meas is an lán go léir: is tóirtéisighe gan é do bheith de dhual ná de dhúthachas innte. Bhuail sé tharm go leac-steámarach gléasta ina chulaith nuadh: go péacach, tóirtéiseach, lag-mheastamhail ar chách.

steannc: *b.2.* streall, steall, maidhm, spreang, babhta. Caith steannc uisce chugham go nighead me féin leis: streall, taoscán: oiread agus scaoilfí as árus, etc., d'aon iarracht ghrod. Dhe, is dócha go gcaithfear a admháil go raibh steanncacha leanna caithte agam ar an slighe bhraitheas: taoscáin: cuid mhaith. Dhein sé steannc mhaith reatha dá stangtha atá a shean-chnámha: babhta ná raibh go holc agus an aiste atá air. Dóghadh go cnámh é nuair bhuail steannc the é: ádhbhar mar léimfeadh as árus de. Dá bhfaghaimís steannc cheóil anois thaithneóchadh linn: siolla maith fuinneamhail. Chuiris steannc alluis ort féin: brat.

steanncaim: *b.a. 7 n-a.* steallaim. Seachain nó má steanncann an t-uisce seo ort beidh cuimhne agat air: má léimeann cuid de.

steanncán: (**streanncán**) *f.1.* streall, taoscán uisce, bainne, etc., fonn, siolla (ceóil). Bíonn steanncán maith bainne ag an mbuin: crudhann sí go maith. Dhera, ní fheadar cad bhí againn, is dócha go raibh steanncán nó dhó nó trí againn: braonaidheacha maithe dighe. Oidhche shuaidhte ar an bhfarraige dob eadh í, bhíodh steanncán sáile ag teacht ar bórd gan aon mhór-shos: streallacha: taoscáin: lán caláin nó mar sin. Séid suas steanncán dúinn a thógfadh ár gcroidhe: fonn nó siolla ceóil go mbeadh fuinneamh leis. Is é sin an steanncán do gheobhfá sa tigh-se: an droich-dheoch: dríodar dighe.

steidhil: Ní thabharfadh sé mar steidhil dom go leigfeadh sé dhom amharc d'fhagháil ar an bpeictiúir: ní thabharfadh an méid sin sásaimh.

stéig: *b.2.* stiall fheóla, stráice, blúire caol fada, an phutóg mhór. Níl aon teóra lé stéig mhairt: slisneóg fhada, reamhar. Stéig rúmpa: stráice de rúmpa an ainmhidhe. Tá an oiread san uilc chughat agus cúis chuige ort go ndéanfar stéigeacha dhíot nuair béarfar ort: géiridheacha: gearrfar do chuid feola ina stráicidhibh fada reamhra, caola. "Is máthair mo chéile mar stéig ag an gcat!": an cat ghá hitheadh, í ag imtheacht ina blúire is ina blúire aige ina bhéal. Feirmeóiridhe gustalacha, stéigeacha móra talmhan ges gach duine aca: stráicidhe. Bhuailfeadh droich-stéig leat san gceanntar is saidhbhre: stráicidhe. Níor mheasa leis é d'imtheacht uirthi 'ná stéig dá thóin féin!: dhein sé árd-bhuaidhreamh aigne dho. An capall ag cur de chómh tréan san go raibh stéigeacha ag imtheacht ó n-a chrúbaibh: fóidreacha gabhair. Bhain an speal stéig mhór as dhrom a láimhe: sciolpa mór feóla. Ghearraidh sé anuas cuid den gcaora ina stéig is ina stéig: sciolpaidhe fada, slaimicidhe. "Tá cuid mhór caillte aige" – "ní haon stéig díom-sa é sin": sciolpa feóla: aon díoghbháil ní néann dómh-sa. Bheadh stéig mhaith bainte aca dhe dá luighidís le n-a chéile: cuid mhór den méid a bhí lé déanamh déanta.

stéigín: *b.4.* stéig nó sciolpa beag. An stéigín fheóla a gheóbhfá ar do chuid airgid lé n-a daoire ní mór gur bh'fhiú dhuit a hitheadh.

steodaire: *f.4.*

stiall: *b.2.* stráice, blúire caol d'aonnidh, lasca, smíste, buille, oiread agus gearrfaoi d'fheóil, d'iasc, d'arán lé sciain. Cuir síos stiall eile den bhfeóil sin, níl ár ndóthain: blúire fada, taithigeach. Úr (fial) stiall de leathar dhuine eile: cuid an duine thall ní misde linn a roinnt: is blasta cuid an duine thall nuair thagann sé go bog orainn. Caith chugham stiall den arán san: slisneóg thaithigeach. "Ar chualaís gur marbhuigheadh fiche míle fear in aon ló ortha?" – "is mór an stiall í sin": buille tubaisteach. Gach aon stiall ag an mbád ar an gcarraig gur deineadh cipínidhe dhi: buille ar bhuille. Bhuaidh sé go faoibín gach aon rud go raibh sé istigh air, sin í an stiall agat!: an iarracht go raibh an deallramh léi. Fuaireas stiall ós gach éinne dá raibh ann: smíste. An bheirt dhóirneálaidhthe i lár an chróidh is gach re stiall aca ar a chéile: iad ag bualadh buille ar bhuille. Is iomdha stiall a fuaireas ón máighistir sa lámhaibh agus sa leathcheann: buille a luighfeadh ar chuid mhaith ded chorp. An aon iongadh dhom-sa bheith bocht, gach teangmhálaidhe is a stiall

féin aige dhíom: sciolpa: stráice: an méid a fhéadfadh sé do bheith aige. Beidh stiall den lá imthighthe sara n-éireóchaidh an scraiste sin: cuid mhaith den mhaidin imthighthe. An oiread is aon stiall amháin leathair ní raibh ag an ngréasaidhe: cliathán. Ní luighfidh stiall den dteangain ort, geallaim duit: ionnsaidhe. Dóirneálaidhe go bhfuil árd-stiall aige é: scuab-bhuille. Stiall gan choinne: mío-ádh nó iomard obann.

stiallachas: *f.1.* stracadh, stróiceadh, réabadh. Is gránda an stiallachas atá tugtha ar chonablach na muice: abláil neamh-shlachtmhar. An stiallachas a dhein an mhuc ar mo chasóig chuir ó chaitheamh í: stracadh.

stialladh: *f.* (*-lta*) do stracadh, stróiceadh, réabadh, stolladh, bualadh. An capall ag stialladh an fhalla, tá ocras air: ag gabháil dá chrúbaibh air. Cuirtear tamall ó chéile an dá bhád nó beid ag stialladh ar a chéile: ag bualadh go cruaidh lé corruighe na mara. Náire thu bheith ag stialladh an ainmhidhe bhoicht lé lasc is gan é ábalta ar an dtrucaill fhollamh do tharrac: ghá smísteáil: ag tabhairt bhuillidhe dho a luighfeadh ar chuid mhór dá chorp. Fuair an iothla stialladh maith, ní fuláir nó bhí itheadh mór uirthi: dísciughadh. Fuair an chathair stialladh gránda ón aer: scriosadh is tuargaint. Duine éigin amuigh ag stialladh an dorais ar a dhícheall, ach ní leigfí isteach é: ag tabhairt buillidhe troma dho. An fharraige ag stialladh ar an bhfaill: ag bualadh go trom is go fairsing.

stialláil: *b.3.* bualadh trom, stracadh, réabadh. Na cómhachta anois ag stialláil a chéile ón aer: ag gabháil ar a chéile de bhuillidhibh troma, diachracha. Téadán dúbalta aige agus é ghom stialláil ar a thoil leis: iarrachtaidhe troma a luigheadh fean mo chuirp. “Is diail an stialláil í”, deirtear lé haon rud a bhíos dhá dhéanamh go fuinneamhail, mear. Stialláil is mó atá ag teastáil ón bpeata san: bualadh a chuirfeadh smacht air. Ag stialláil na feóla le n-a chrom-sciain: ghá gearradh ina stráicidhibh fada. Ainmhidhe conntabharthach atá ann bíonn sé ag stialláil lé n-a dheireadh: ag speachadh: ag raideadh.

stiallaim: *b.a.* gearraim i stráicidhibh, réabaim, stracaim, stathaim, etc. Stiall sé an téad amach as mo láimh gan aon choinne agam gur scrios sé an croiceann di: stath lé fóirneart. Stiallfadh an duine fiadhain úd an doras dá lúdrachaibh mara leigtí isteach é: réabfadh. Stiall an capall an tsrian dá cheann: strac nó bhris gur imthigh sí dhe. Do stiallfadh sé a bhfuil d’éadach i gcathair Bh’l’Áth Cliath: do stollfadh. Stiall an capall na cruite uaidh féin san áit achrannaigh: strac. Nuair chuala sé an bhéic éigin ag teacht ón snámhaidhe stiall sé dhe a raibh d’éadach air chun fóirthinte do dhéanamh: chaith dhe go mear, tapaidh. Is go stiallfadh sí srianta le reathacha a cos: réabfadh lé fuinneamh is méid a siubhail. Stialladh mo thriubhas óm chromán go dtím alt: stróiceadh. Ní raibh an focal tarcuisneach as a bhéal nuair stiall fear treasna an phuis é: thug buille dochaiseach, gonta dho.

stiallóg: *b.2.* stráice, slisneóg. Stiallóga beaga tanaidhe bagúin. Ghearraidh sé stiallóg den mhaircréal mar bhaoite: sciolpa caol.

stiallta: *a.r.* stracaithe, staithte; réabtha. Ní raibh cnaipe ina chuid éadaigh ná raibh stiallta: bainte amach lé fóirneart. Seadh, cad dhéanfad anois? an iall stiallta agam is gan a malairt agam: briste trí tharrac nó fáscadh ró-láidir. Na cruite stiallta ag an gcapall:

staithte uaidh féin lé racht nirt. A bhfuil air anáirde stiallta ar dhigh aige: caithte gan aon fhéachaint roimis ná cuimhneamh air.

still: *b.2.* gléas nó fearas chun na brighe nó na biotáille do bhaint as rud trí shughadh as, etc. D'ólfadh sé amach as an still é: gan stéagughadh.

stilleáil: *b.3.* siolagar, síogaidheacht, ceileabhradh. Ná bíodh aon stilleáil ort ach gluais: cnúbháil: siolagar: fanacht siar. Toisc an ualaigh do bheith ró-throm do bhí sé ag stilleáil féin: ag cromadh is gan ann é d'iomchar go ró-mhaith. Thóg sé an leabaidh ráithe ó shoin, is níor éirigh fós, mo thuairm go bhfuil sé ag stilleáil: ag dul chun deiridh: ag tréigean. Bheith ag tafant ar dhuine a bhíos ag stilleáil, chlipfeadh sé duine: cnúbháil. Leath a ndóthain ní bhfaghaid lé n-itheadh, bíd ag stilleáil leis an ocras: siolagar.

stilleálaidhe: *f.4.* duine righin seiléigeach, is deacair do bhogadh chun gluaiste nó gnímh; cnúbhálaidhe. Deireadh na foidhne caithte agam leis an stilleálaidhe, ní fhanfainn nóimint eile leis: righneadóir. Imir cárta, nách tú an stilleálaidhe: duine a bhíos ag grogaidheacht. Beidh an oidhche thar druim sara mbeidh an stilleálaidhe sin ag baile ón gcathair: duine seiléigeach go gcuirfeadh aon rud moill air.

stíobhaird: (**stíobhard**) *f. n-dh.* maor, saoiste. Cé bhí mar stíobhaird ar an obair?: saoiste. Ní bheadh súd sásta gan é féin do bheith ina stíobhaird ortha: treóraidhe.

stíobhairdidheacht: *b.3.* maoirseacht, saoistidheacht. Sin é a mhianach, níor bh'fhéidir leis bheith in aon áit gan bheith ag stíobhairdidheacht ar dhaoinibh: ag innsint a gcúraim dóibh. Dá n-éisteóthá do bhéal níor bh'aon deifir an stíobhairdidheacht do chur uait: saoistidheacht ar dhaoinibh.

stiocadh: *f.* (*-ctha*) préachadh, d'fhulang mór-chuid fuachta, easbhaidh bídh, etc. An amhlaidh do theastuigheann uait me do stiocadh annso ag feitheamh leat?: do phréacadh leis an bhfuacht. Táir dhá stiocadh id sheasamh annsan ó mhaidean gan neach i mbun freatháilt ort: ag lagughadh, ag stangadh lé duadh seasta is feithimh: cor.

stiocaim: *b.a. 7 n-a.* préachaim, stangaim, coirim. Stiocas ó bheith im sheasamh ann: dhein stanga dhíom: coireadh is traochadh me. Chaitheadar an fhaid sin ar an bhfarraige gan bhiadh gan deoch gur stiocadar: chasadar ar a chéile. Cad tá uait id sheasamh annsan? go stiocair ann!: go né stanga marbh díot. Stiocfaidh an fuacht thu: réadhfair leis.

stiocaire: *f.4.* sprionnlóir, suarachán cruinn. Tamall bhí san ina fhear fhial, fháilteach anois tá sé ina stiocaire ná tabharfadh do thógaint ón mbás uaidh: rud do-chroidheach: staic sprionnlaithe. D'imtheóchadh sé gan luid den éadach sara gceannóchadh an stiocaire balcais do féin: duine is túisce scarfadh leis an anam ná lé hairgead.

stiocuighthe: *a.r.* préachta, leathta. Stiocuighthe ó bheith im sheasamh ag feitheamh go leigfí isteach me is gan aon tor ag éinne orm: tugtha, stangtha. Leanbh nár ith aonnidh ó indé ná fuil a fhios agat ná go bhfuil sé stiocuighthe: caillte, traochta leis an ocras.

stiúg: *b.2.* an déith, anál, puth, preab. Ar an slighe atá sé ná braithim ann ach anam an-bheag tá sé i ndeireadh na stiúige: níl ann ach an déith: an phuth déidheannach. Deirim leat ná fuil stiúg ann, níl cuisle aige is ní bhraithim aon anál aige: puth: corruighe. Nuair chonnac an gunna dírighthe ar mo cheann aige, bhain sé stiúg asam: preab uathbhásach.

stiúgadh: *f.* (*-ugtha*) tachtadh, duadh anáile. Nuair bhíos ag dul fé loch chómh minic is gan aon bhuille snámha agam bhíos dhá stiúgadh ag an sáile: m'anál dhá bhaint díom. Táir ghom stiúgadh, tabhair gaoth dhom: ghom mhúchadh: ag baint m'anáile dhíom. Táim dhá stiúgadh ag an dtart, tabhair deoch dhom: dhá thachtadh. I rith an tsamhraidh sa teas is gan braon bainne aca, ní hiongadh iad bheith dhá stiúgadh: an tart bheith ag gabháil lastuas díobh. An stoc dhá stiúgadh cheal uisce: ghá spalpadh ag an dtart.

stiúgghail: *b.3.* d'iarraidh na hanáil do tharrac. Ní fada uaithi an chabhair, tá sí dhá stiúgghail leis an mbás: sa croithtidhibh déidheannacha.

stiúgaim: *b. n-a.* tairngim an anál. Stiúgadar sa bhfásaigh cheal uisce: chuir an tart chun báis iad. Ní stiúgfaidh súd faid agus bheidh scilling ina phóca is deoch lé fagháil: ní caillfear lé tart é.

stiúgán: *f.1.* an diúch. Pé iomard eile atá nó ná fuil air, tá an stiúgán ar fheabhas aige, níl aon easbhaidh cainnte air. D'fhóbair do me do thachtadh, rug sé greim stiúgáin orm: greim docht scórnaighe. Dá mbeadh greim stiúgáin agam-sa air ní bheadh an oiread cainnte aige: beartha go daingean ar dhúid air.

stiúgtha: *a.r.* básuighthe, préachta, tnáidhte. Brostuigh orm leis an ndigh táim stiúgtha: gan me i ndán m'anál do tharrac leis an dtart. Ná bac éirghe os a chionn anois, tá sé stiúgtha: tnáidhte gen mbás.

stiúir: *b.5.* clár leathan adhmaid, iarainn, etc. ina sheasamh ar lúdrachaibh ar dheireadh báid, luinge, etc. so-ghluaiste ó thaobh taobh gur féidir a treó do bheartughadh leis; riaghail, treóir; maig, claonadh, deallramh, fuadar. Bioráin, poll, maide na stiúrach. Ní dhéanfadh sé a leithéid sin de dhíoghbháil do féin os chómhair a dhá shúl amach gan an stiúir ar fad do bheith imthighthe ar fad: imthighthe gan aon treóir. Tá imthighthe dá stiúir ar fad: níl aon riaghail leis. D'imthigh stiúir an tighe an lá fuair an seanduine bás: riarthóir. Ag ól is ag reic, imthighthe gan aon stiúir: treóir. Ná bíodh aon fhaitchíos oraibh go n-imtheóchaidh faic oraibh lé cóngamh Dé, tá fear maith ar an stiúir agaibh: d'bhur dtreórughadh. Stiúir gach maitheasa grádh Dé: bíodhgann grádh do Dhia ar shlighe ár leasa sinn. B'é ár stiúir i lár bóchna é: an té go raibh ár seasamh is ár ndóchas ann. An stiúir atá fé n-a chúl, d'aithneóchadh éinne go bhfuil meas aige air féin: an chuma atá sé cóirighthe. Cuma an bhleaigeáird air, an stiúir atá ar a hata: an mhaig: an tslighe atá sé socruighthe: feirc air. Ar an stiúir atá fé ní fios cá stadfaidh sé: ar an ndeallramh fiadhain. Labhair-se leis más maith leat é, ach leigfead-sa dho, ní maith liom an stiúir mhalluighthe atá fé: an deallramh boirbeach.

stiúradh: *f.* (*-rtha*) (**stiúrughadh**) gluaiseacht báid, luinge, etc. etc., do threórughadh; do choimeád ar bhealach (cúrsa) áirighthe. Ghuidheas Dhia ghá stiúradh ar a leas: ghá chur

ar an mbealach ceart. Ag stiúradh an bháid (na luinge, an ghluaisteáin, etc.): ghá choimeád díreach is ghá smachtughadh ar an slighe a theastóchadh. Táim d'iarraidh an fhir seo do stiúradh ar an áit atá uaidh: eólas na slighe do thabhairt do. B'é a chúram seasamh ag an ndoras agus na daoine do stiúradh isteach chun a suidheachán: do threórughadh: an áit cheart do dheimhniughadh dhóibh. Ó rugadh é ní raibh stiúradh athar ná máthar air, a rian air, is aindeis an bheatha atá aige: cómhairle cheart agus a leanamhaint.

stiúraidhe: *f.4.* duine a stiúras, treóraidhe, ceann ródaidhe. Dá mbeadh aon stiúraidhe orm, a theasbáinfeadh an áit dom dhéanfainn féin an chuid eile: duine a threóróchadh sa bhall cheart me. Deirtí ná raibh aon stiúraidhe eile báid ar an gcósta dob fheárr ar an gcósta 'ná é: fear stiúrach. Stiúraidhe maith capaill: tiománaidhe.

stiúraidheacht: *b.3.* treórughadh, díriughadh, umhlaidheacht. Droch-stiúraidheacht do chaill an bád, a leig ar an gcarraig í: ceal a dírighthe sa treó cheart. Leanbhaidhe iad san go bhfuil stiúraidheacht cheart ortha: smacht, cómhairleach, múineadh. Fágtar an áit ar fad fé n-a stiúraidheacht, is é an té is mó eólas é: fé n-a riar is treóraidheacht. Déin stiúraidheacht cheart air nó raghaidh sé amudha, duine deóranta seadh é: cuir ar a shúilibh é.

stiúrthach: *a.* dírightheach, treóruightheach. Téighir agus iarr cómhairle air, duine stiúrthach seadh é: atá ábalta ar thú do chur ar do leas. Dá mbeadh cumas stiúrthach agam-sa ar an áit ní imtheóchadh sé chun raice mar d'imthigh: cómhacht chun a riartha. Thóg sé anáirde méar stiúrthach: dheimhnigh sé léi cad budh cheart do dhéanamh. Níl sé féin ró-stiúrthach ar a chlann chun go mbeadh sé ag cur dhaoine eile ar a súilibh: treórach.

stiúruighim: *b.a.* treóruighim, riaraim, bheirim eólas do, dírighim. Má tá aithne agat ar éinne go bhfuil talamh lé díol aige stiúruigh me air: treóruigh: innis dom cá bhfuil sé. Go stiúruighidh Dia sinn ó gach conntabhairt: go gcuiridh ar mhalairt bealaigh sinn. Go stiúruighidh Dia díom é, ní maith an earra ná an mianach é chun aon bhaint do bheith leis: go gcuiridh i leathtaoibh óm ionad-sa. Stiúruigh na caoire an bóthar amach: tiomáin an treó san iad. Stiúruigh me cad déarfad: múin me. "Tá fear ar do thuairisc amuigh" – "stiúruigh isteach é": treóruigh.

stiúruightheóir: (**stiúrthóir**) *f.3.* treóraidhe, eólaidhe, bainisteóir, dírightheóir. "Tá stiúruightheóir maith ort" deirtear lé seanbhlas nuair dheineann duine nidhthe nách taithneamhach: múinteóir. Duine de stiúrthóiridhibh an tighe mhóir earraidhe sin seadh me: daoine a riaras a ghnóthaidhe. Budh dheacair do chaptaen iasachta seóladh ameasc na n-oileán gan stiúruightheóir: duine go mbeadh cruinn-eolas aige ortha. Stiúruightheóiridhe ár ndúthaighe: ár lucht riaghaltais. Ní raghair amudha in ao'chor, tá stiúruightheóir maith ort: eólaidhe.

stiúrthóireacht: *b.3.* treórughadh, eólaidheacht, bainisteóireacht. Má déintear stiúrthóireacht cheart ar an áit éireóchaidh leis an áit: má déintear an riar budh chóir air.

An agat atá stiúrthóireacht na hoifige?: cómhacht chun an ghnótha do riar mar is toil leat is mar tuigtear duit.

stiúsaidhe: *f.4.* toice cailín. Uabhar an stiúsaidhe uabhar gan chúis leis: teallaire cailín: éirghe anáirde gan cur leis. Siúd í an stiúsaidhe dá bhféadadh sí é do chur in iúil, budh ghearr an mhoill uirthi bheith goirgeach: cailín nó bean mío-mhúinte, neamh-maitheach.

stoc: *f.1.* eallach, cródh, ba, beithidhigh, etc., bun crainn, plannda etc., an daradha láidir (spiléireacht), pór, treabh, bunadh, barrabuadh, galltrúmpa, buabhall, ceap gunna. Is minic ráidhte é gurb ann bhíonn an margadh stuic is fearr sa Mhumhain, bíonn ainmhidhthe folláine ann. Bíonn aontaighe stuic is capall ann: ba, beithidhigh, etc. An iomad stuic ar an dtalamh d'ith go cré é. "Agus do chuala me don taobh thiar díom guth mhór mar fhuaim stuic" (Teas. I. 10): gléas ceóil gaoithe. Anois an t-am den mbliadhain chun stoc tuigidhe do chur: na buin thíos. Bhuaileas lé stoc an ghunna é nuair bhí an piléar deireannach caithte agam: an ceap: an bun thiar. Droch-stoc atá ar an spiléar, brisfidh sé: an daradha reamhar go mbíonn na losnaidhe is na dubháin ceangailte dhe. Maoidheann Mearaice go bhfuil mór-chuid áthraighe ar na stuic (stocaibh) aca: dhá ndéanamh. Tá bunóc eile ar na stuic: ag teacht. Budh mhinic ar na stuic ar meisce é: ar mheisce thruim. Den stoc chéadna seadh an dá chineadh: den dtreibh bhunaidh chéadna. I gcómhnaidhe ag maoidheamh as féin, ní fada an stoc ón stuaim aige: an buabhall dhá shéideadh aige is gan fuaimeant leis. Chuireadar gach aon chluiche orm gur dheineadar stoc magaidh díom: ceap magaidh: seódh ceart.

stoca: *f.4.* clúdach cnotálta olna, síoda don gcois go lár na lorgan; sparán, mealbhóg. Stocaidhe fada: a shroichfeadh go glúin. Níl fiú an stoca ar a chois: gléasta go dona. D'éirigh sé ina stocaidhibh: gan bróga ná cuaráin do chur air. Bhíodh sé ag imtheacht gan bhróg gan stoca go raibh sé ina fhear: gan aon chlúdach cos. Is furaiste stocaidhe bána do shailiughadh: an té go mbíonn cáil mhór air is fusa a mhaslughadh 'ná cáil bheag ar dhuine eile. Tairng chughat an stoca, tá sé i bhfolach in áit éigin agat: mealbhóg airgid. "Gan stoca, bróg ná cóta ar mo stóirín óg on spéir": cosnochtuighthe, ceann-nochtuighthe. An bhfuil sé os cionn sé troighthe ina stocaidhibh?: gan aon bhróga. Lán an stoca atá aige: an t-aimeón airgid.

stocach: *a.* bun(a)-láidir, teann, adharcach, achrannach, ceanndáine. Tuigidhe lag-stocacha dob eadh iad, is níor fhásadar go maith: ní raibh na buin láidir aca. Bíonn sí stocach ar a luighead cúise ní mór an greann go ngeóbhadh sí leis: stuacach. Ar an bhfonn ban atá air, tá an galar stocach air: a bhiach do bheith ina shíor-sheasamh. Chómh stocach is ná féadfainn cac: teann.

stócach: *f.1.* fear óg, scraiste, eadránaidhe cleamhnais. Cuimhneoid choidhche ar an oidhche chuadhas mar stócach in aonfheacht leis, d'fhóbair go gcuirfeadh athair an chailín na gadhair linn: duine a réidhtigheas cleamhnas. Faid a gheóbhaidh sé a mhaireachtaint ós na daoinibh ag imtheacht ó áit go háit ina stócach cad is gábhadh dho aon obair do dhéanamh?: tnúthán. Níl einne den gclainn mhac ná go bhfuil éirighthe suas ina stócach anois: óigfhear.

stocaire: *f.4.* trompóir, duine a shéideas ar bhuabhall nó ar stoc, bladhgaire, eadránaidhe. Ní gábhadh dho éinne an stocaire seo do mholadh, molfaidh sé féin é féin: bladhgaire: maoidhteóir. Téighir i gcuideachtain éigin eile agus ná bí id stocaire in ár measc-ne: ag teacht eadrainn ag tnúth lé cuid d'fhagháil.

stocaireacht: *b.3.* séideadh stuic, bladhgaireacht, tnúthán. Éist! táir ag stocaireacht annsan ar feadh na hoidhche, ní dheaghaidh sos ort ach ghod mholadh féin: ag bladhgar is ag maoidheamh. Líonann sé a bholg ar an stocaireacht: ag gabháil tímcheall is ag breith ar chách chun ruda d'fhagháil.

stocán: *f.1.* carraig aonair, cloch ina seasamh, beag nó mór, spiara carraige, cloiche. Tá an charraig annsúd ina stocán chonntabharthach d'áthraighibh: carraig léi féin. Leagadh ameasc na stocán me: clocha go raibh a gceann aníos as an dtalamh. Cuireadh stocán cloiche ina seasamh i gcródh an chinn aige: go raibh ceann fada, caol uirthi. Stocán i mullach an chnuic: spiara carraige.

stoc-sheasamh: *f.1.* seasamh láidir, díreach, teann. É ina stoc-sheasamh annsúd is ná féadfadh éinne baint leis chun a churtha as: ina sheasamh go cruinn, teann: ina choiligh-sheasamh.

stódhálaim: *b.a.* pacáluighim go cúramach, cuirim thart go cúláisteach. Stódháil an bosca leis an éadach san: líon suas go cúramach. Stódhálas a raibh ar fuaid na cistean agus annsan d'adhnas teine: cuireas gach rud go cúláisteach.

stódháil: *b.3.* feistiughadh, cóiriughadh. Chuir an captaen an buachaill ag stódháil an chabáin tar éis na béile: do chur gach rud go cúláisteach, feistighthe in ionad cheart. Ag stódháil an tsean-bhotháin: d'aistriughadh is do chur ar leith, gach nidh atá i gcúil.

stóilín: *f.4.* stól beag. Má théighir ar phósadh gan cuireadh beir leat stóilín chun suidhte: ná bíodh súil agat le freastal in áit ná hiarrtar thu.

stóinse: *b.4.* daingneacht, doichte, do-thabhairt, dúire. Aon ghéilleadh ní dhéanfadh sé dá mhéid tafant is bagairt do deineadh air lé n-a stóinse: daingneacht rínn. Ní ghearrfadh aon scian an t-adhmad san lé n-a stóinse, is geall lé cas-adhmad é: doichte is cruaidheacht. D'imthigh cuid mhór den stóinse as, is fusa go mór labhairt anois leis 'ná cheana: daingneacht. Bheadh árd-mhuinghin agam as a stóinse ní fheaca ag cliseadh riamh é: diongmhálacht.

stóinseach: *a.* láidir, diongmhálta, docht. Labhair sé an-stóinseach ón altóir ar dhaoinibh ná díolann a sraith leis an gcléir go héascaidh, tráthamhail: go teann, bagarthach. Cara stóinseach é sin, lá an chruadhtain is é ná clisfeadh ort: diongmhálta, intseasaimh. Ní bhrisfeadh an tuagh an bloc san, tá sé ró-stóinseach: docht, dúr lé scoltadh.

stóinseacht: *b.3.* muinghin, neart, daingneacht. B'fhada ó eagla me go scéidhfeadh sé orm pé cathughadh ná broid do cuirfí air, b'eól dom a stóinseacht: daingneacht rúin,

dílseacht. Chuaidh stóinseacht a chuid cainnte i luighe gaibhte ar a raibh ag éisteacht leis: neart fuaimeanta.

stóinsighim: *b.a. 7 n-a.* neartuighim, daingnighim. Ó bhuail an taom úd í, is an aois go léir aice, níor stóinsigh ó shoin: níor neartuigh. Stóinsigh an áit go bhfuil an bád ag tarrac uisce: cuir scamas nó rud éigin ann a staonfadh an t-uisce. Níor stóinsigh an dochtúir an fhuil is a dhícheall do dhéanamh: níor stad ar rith.

stóinsighthe: *a.r.* daingean, docht, neartmhar, muinghineach, folláin, fadhartha, siocadh bronn. Bí stóinsighthe, ná géill, troid ar son do chirt: bí diongmhálta, docht in aghaidh tafanta, bagartha nó meallaireachta. Bean ró-stóinsighthe, í siúd chun scaramhna lé haon rud chómh bog agus is dóigh leat: docht: coimeádach fé n-a cuid. Fíor-bheagán cainnte do thugann sé d'éinne, ní fheadar cad tá buaidhte aige lé bheith chómh stóinsighthe: coimhtheach, neamh-mhuinnteardha. Soitheach stóinsighthe a choimeádfadh picil: go mbeadh na síomthaidhe chómh dlúth ann is ná sillfeadh braon tríotha. Bád stóinsighthe: bád láidir, tirim. Seachain thu féin ar an gcathaoir sin, níl sí ró-stóinsighthe: fuaimeantamhail, daingean. Thug sé cainnt stóinsighthe uaidh, chuir sé annsúd go soiléir os ár gcómhair ná féadfadh an mí-cheart do bheith aige: láidir, daingean, fuaimeantamhail. Ná bí chómh stóinsighthe nuair labhartar leat: righin lé freagra do thabhairt uait. Níl ionam ach amadán stóinsighthe agus mo chuid do leigeant uaim chómh breallach: ceann críochnuighthe, corónta. Ní bhrisfeadh sé in ao'chor thu gan bheith chómh stóinsighthe i gcuideachtain óil: gan fonn glaoidhte air.

stóirín: *b.4.* múirnín, gráidhín, focal ceana. Éist, a stóirín, is ná bí ag gol: a chuid. Ní raibh caidhp ná clóca ar mo stóirín óg ón spéir: mo ghrádh beag gleóidhte deas. Mo stóirín thug mo bhaonach.

stoirm: (**stroim**) *b.5.* eascal, spéirling, anfadh. Lá stoirmeach: fiadhain ar fad. Is ionann an néall atá ann agus stoirm shamhraidh nó calm geimhridh. An t-éagconn ag imtheacht anois mar luing i stoirm gan riaghail: go ró-aindeis ar fad. "Agus mar chonnlach ar aghaidh na gaoithe agus mar lóchán bheireas an stoirm léi" (Iob XXI. 18). Pé áit gur ghaibh sé as, tá cuma na stoirmeach air: clódh suaidhte, tuarganta. Níor mheasa dhuit stoirm gheimhridh do ghabháil chughat 'ná í leathadh a béil ort: thabharfaid íde ghránda ort. Aon mhairg ní chuirfeadh sé ort me d'imtheacht leis an stoirm: do scrios. Teichtear uaidh, tá sé ina stoirm air: buile uathbhásach.

stoirmeach: (**stoirmeamhail, stroimeach, stroimeamhail**) *a.* eascalach, anfadhach, fiadhain. Oidhche stoirmeach ná féadfá do cheann do chur thar doras: fiadhain glan. Truagh thu, a fhir bhoicht, tá an saoghal ag breith árd-stoirmeamhail ort: dian, dochrach.

stoithín: *b.4.* dual beag, stuaic bheag, stairricín clúimh etc. Stoithín bheag de chroimbéal air gur ar éigean do chidhfeá í: toirín beag. Bhíodh stoithín anuas ar éadan Neapóilín: ádhbhairín ruibidhe ar silleadh anuas ina ndlaoi. Bíonn stoithín ar phus mhórán iasc: ruibe mar bheadh spiaca braithseana. Bíonn stoithín ar cheann cineáil áirighthe fuiseóige: loca beag.

stól: *f.1.* suideachán. Suidh go hárd ar an gcathaoir nó go híseal ar an stól: tá fáilte mhór rómhat. “Guidhim thu, déanam seómra beag ar an mballa, agus cuireann leabaidh annsan do agus clár agus stól agus coinnleóir etc.” (2. Ríogh IV. 10). Ag déanamh stóil coise dhíom: ghom phasáil: ag gabháil lastuas díom.

stolc: *f. n-dh.* dlúimh chruaidh, righin. Tá an biadh ina stolc ar mo ghoile: ’n-a ualach.

stolla: *f.4.* aon rud mór, taithigeach. Chuireamair stolla cloiche ar an dtéid mar ancaire: cloch mhór, thaithigeach. Stolla capaill a thairngeóchadh taobh falla dhuit: capaill cuthaigh, láidir.

stolla-ghaoth: *b.2.* gaoth fhiadhain, fhíochmhar. Tagann stolla-ghaoth de treasna an mháma amacha den mbliadhain a bhaineas préacha as talamh. Ní fhéadfainn rothaidheacht i gcoinnibh na stolla-ghaoithe sin. Lá stolla-ghaothach ná féadfá seól do chur ar bhád: ró-fhiadhain.

stollaire: *f.4.* duine ná bíonn éadach ró-mhaith air, ainm táire d’fhear nó do bhuachaill; fear láidir. Ní fheaca riamh balcais ar an stollaire a chaithfinn: duine stracaithe. Faid atá aithne agam air is ag imtheacht ina stollaire tá sé gan righe gan rath: ina dhuine dhíomhaoin, dhroch-mhaitheach. Budh bhreágh leis bheith ag cuimilt lé stollairidhibh baile móir: staigínidhe: dream díomhaoin a bhíos ag déanamh a gcoda ar an lucht tuaithe. Stollaire maith garsúna atá ábalta ar lá oibre do dhéanamh chómh maith lé fear: buachaill lúthmhar, láidir. An dóigh leat go bhfaghadh stollaire mar thusa rud rómham-sa?: duine ná fuil clódh air.

stollaim: *b.a. 7 n-a.* stracaim, réabaim, stiallaim. Stollfaidh tíortha an chogaidh as a chéile a chéile sara stadaid ar an bhfuadair áidhbhéil atá fútha: ní fhágfaid meidhil beó lé chéile. Cad do stoll do léine? tá gearradh mór innte: strac: réab: thairng as a chéile í. Beidh an oiread san d’iarraidh é do cheannach uait go stollfaid uait é: sciobfaid. Stollfadh sé me, tá a fhios agam dá mbeadh ar a chumas: dhéanfadh sé géiridheacha dhíom. Nár neam-mbéasach é gur stoll an criosúir amach as mo láimh: strac go grod. Sean-anairt gan mhaith, stoll sí nuair rug an stros uirthi: réab sí.

stollaireacht: *b.3.* stracaidheacht, scraistidheacht. Ná caith an lá ag stollaireacht, déin rud is ná tabhair náire ar fad duit féin: scraistidheacht: ag gabháil tímcheall lé díomaointeas, ceal clóidh do chur ort. Níl aon ghnóth bheith ag stollaireacht léd leithéid, ach do chúram do chur díom: aimsir do chaitheamh leat go bóiléagarach, silteach.

stollta: (**stolta**) *a.r.* stracaithe, réabtha, stiallta, fíochmhar, dásachtach. Sin é mo thriubhas stollta ag an dtairnge: réabtha: stracaithe. Táim stollta stracaithe aige ag lorg airgid póca orm gan aon lá: clipighthe cráidhte. Lá stollta atá ann, ní dóigh liom go dtabharfad fé aon fharraige indiu: an-stracaithe, garbh, fiadhain. Stollta as a chéile ag an saoghal dom gach aon lá ó fuaireas aithne orm féin: tnáidhte, cortha ag duadh is obair. Féach rómhat féin, tá imirt an-stollta dhá dhéanamh agat: aindeis, neamh-ionann. An tigh stollta as a chéile agam ar a lorg agus téigheann díom a fhagháil: cuarduighthe, ath-chuarduighthe. B’annamh leat bheith chómh stollta: éadach chómh dona do bheith ort.

Cuirir chun do ghnótha ró-stollta ar fad, ná féachfá rómhat is gan seáp do thabhairt: neamh-chúramach. An-stollta atá sé déanta agat, cad tháinig leat is feabhas t'fhearais: neamh-chruinn, neamh-shlachtmhar.

stolltach: *a.* claon lé stolladh. Níor mhaith liom é, éadach stolltach atá ann: is furaiste do stracadh.

stolltacht: *b.3.* stracaitheacht, aindeise clóidh, gairbheacht. Bheadh náire air dul os chómhair éinne lé n-a stolltacht: gioblacht. Is mó an stolltacht atá ar an líon so, is é a chuaidh ceangailte sa charraig: an aiste a bheith tairngthe as a chéile. Cé fhéadfadh corruighe lé stolltacht an lae: gairbhe is suaidhteacht. Ní hí stolltacht mo chuid éadaigh is measa dhom ach stolltacht mo phóca: me bheith briste.

stolpán: *f.1.* duine, ainmhidhe nó rud trom aindeis. Táim im stolpán cheal suathaidh chuirp: stangtha, casta ar a chéile. Ciach air, b'fhearr dho stad den ólachán chéadna, tá sé ina stolpán aige: ina leath-amadán. Cé íosfadh an stolpán bídh seo; an blas atá air: leath-bheirbhthe.

stompa: *f.4.* an chuid de chrann nó de phlannda a fhanas sa talamh tar éis na coda eile do bhaint; duine, ainmhidhe, nó rud trom tútach; duine dúr, neamh-éascaidh, tuathalach. Nách me an stompa amadáin agat go bhfágfainn mo ghnóth ar do shon-sa: ceann ceart, críochnuighthe. Féach mar shatalann an stompa óinsighe ar cois theinn orm: óinseach i ndáiríribh. Buaileann mo stompa bacaigh chugham isteach agus cuireann fé agam gan oiread agus iarraim cead: ceann ceart neimhiongtach. Shín sé stompa leathchorónach go dtín leanbh, nár ghalánta san uaidh?: bonn maith. Stompa fir, is é an náire ná bainfeadh slighe bheatha amach dho féin: fear atá i gcumas a dhéanta dá mbeadh sé d'anam ann. Um an dtaca go bhfuilim ag cainnt air bhíos im stompa cailín óig: fásta go teann láidir. Theangmhuigh stompa Sasanaigh liom a íosfadh oiread lé beirt: fear mór tútach. Dá gcloisteá an stompa bréige d'inns sé sin dom-sa, ní raibh aon mheas riamh ó shoin agam air. Sé meas furmhór na ndaoine air sin gur stompa breágh rógaire é: ceann aca gur deacair teacht suas leis. An stompa coise seo agam, táim clipighthe aice lé dathachaibh: cos ná fuil innte ach mar bheadh bun aon ruda gan bhrigh nuair bheadh an bláth 'san chabhail de. D'árduigheadar leó an chuid dob fhearr is níor fhágadar agam-sa ach na stompaidhe: an dríodar: an chuid budh mheasa. Tugadh stracadh chómh huathbhásach san dom ghéig gur cheapas go raibh sí staithte amach ón stompa asam: amach ón bpréimh. An stompa caca! cad leis go mbeadh súil agat? meisneach an eadh?: cnapán duine gan aon mhaith. Stumpaidhe gabáiste, feamnaighe, etc., na buin ar a mbeith den nduille, etc., imthighthe dhíobh. Dhein stompa ar fad lé déidheannaighe dhe, is budh cheólmhar, lúthmhar an buachaill tamall é: rud trom, aindeis. Siúd í an stompa chun dul ar thí aonnidh d'fhagháil uaithi: an bhean dhoichilleach gan aon teacht aniar. Is diail an stompa tighe é siúd do thóg sé: tigh mór, groidhe, fairsing. Sciobadh an phíp as mo bhéal is níor fhan agam ach an stompa: blúire beag den gcois. Chailleas mo stompa púint ag imirt chártaidhe: púnt maith, reamhar. Ní maith iad chun saoirseachta, na stumpaidhe cloch so: rudaidhe ró-chruinn, aindeis.

stompáil: *b.3.* seargadh, casadh ar a chéile, cruadhachtaint. Tháinig stompáil ar an aoileach leis an iomad gréine: thiormuigh is shearg: d'imthigh an sughlach as. Táir ag stompáil cheal aon tsuathadh oibre do bheith ag breith ort: ag casadh ar a chéile is ag stangadh. Má fhanair i bhfad eile fén bhfuacht raghaidh stompáil ort: stiocfaidh an fuacht thu: raghaidh an préachadh ceangailte ionat.

stompálaim: *b.a. 7 n-a.* crapaim, teannaim, cruadhaim, seargaim. Stompáil na gais is na planndaidhe cheal fliuchradh: sheargadar: chrapadar is d'imthigh an sughlach asta. Stompálas ó bheith im sheasamh faid gach n'fhaid leat: chrap mo ghéaga liom. Mara ngabhair amach fén aer is tú féin do shuathadh stompálfair: casfair ar a chéile is caillfir lúth do ghéag. Stompáil an t-iasc os cionn na teineadh: do chruadhaidh agus do shearg. Stompáil mo mhéireanta leis an bhfuacht i slighe is ná féadfainn a síneadh: chrapadar.

stompálta: *a.r.* crapaithe, teannuighthe, cruaidhte, seargtha, préachta. Fan go sínead mo chosa, táid stompálta ó me bheith suidhte: crapaithe: nílid éascaidh lé corruighe. Tá do luthóg phrátaidhe stompálta ó bheith cois na teineadh: seargtha: casta ar a chéile. Mo chnámha stompálta indiu, ní mór go bhféadaim a searradh, tar éis siubhlóide fada an lae indé: teann, crapaithe. Árduigh leat isteach na héadaighe, is mithid dóibh bheith stompálta ag an dtiormach: cruaidh ar nós an chláir. Fuairtheas stompálta tar éis na hoidhche é: préachta.

stompán: *f.1.* bun crainn etc., bloc, duine tochraiste. Stompán de bhuachaill mhaith: cnapán maith: buachaill déanta, córach. Níl i gcois léi ach stompán: cuid mhór di in easnamh. Tháinig sé ar an saoghal, agus gan air ach na stompáin: buin na ngéag. Níl des na crannaibh giumhaise a bhí ann fadó ach stompáin chaithte anois: bluic atá ag dreóghadh.

stop: *f. n-dh.* stad, cosc, toirmeasc. Cuireadh ina stop é de labhairt nuair bhítheas ag feadghail is ag faoidhrigh fé: ina stad. An féidir an béal san agat do chur ina stop?: do chur ina éisteacht. Iad ag gluaiseacht leo fé réim gan aon stop dhá bhaint asta: aon staonadh. Ná déin aon stop go sroichfir an tigh: sos ná stad. Ní fhéadfadh dochtúir ná liag stop do bhaint as an rith fola: í do chosc ar ghluaiseacht. Sin í an Eóraip aca más mian leó imeall catha eile do chur ar bun, nílimíd-ne ag cur stop leo: nílimíd ag teacht idir iad agus é. Dá mbeadh sé le stop scuirfeadh sé: dá mbeadh fonn stadta air. Bhain an claidhe stop as: chuir sé staonadh air. Táim im stop ann: im stad.

stopadh: *f.* (*-ptha*) do chosc, do staonadh, scur, teanntughadh, fóirlíonadh, sosadh. Deineadh stopadh treasna na habhann chun an uisce do chosc ar rith: cuireadh cosc éigin, claidhe nó rud ann. An fhuil do stopadh lé holain chadáis: é do chur leis an gcneadh chun na fola do stad. Stopadh uisce atá air: tinneas fuil. Cad tá ar an ngluaisteán go bhfuil sé ag stopadh: ag teacht chun stadta. Tháinig sé chugham ghom stopadh ar shiubhal treasna a ghuirt: chun me do stad. Aon stopadh níl ag dul fós air, leanfaidh sé dhe go hoidhche: aon mhaolughadh ná scur. Bheadh fuar agat bheith d'iarraidh a bhéil siúd do stopadh: do chosc ar labhairt. Cuireadh stopadh ar an dteacht isteach do bhí aige: cuireadh deireadh leis. Deineadh stopadh uisce den stoc ann: cosaint chun a choimeádta in aon linn amháin. Cad é an stopadh atá ar do dhúdóig pípe?: cad a bheir di ná tagann an gal tríthe.

stopaim: *b.a. 7 n-a.* stadaim, scuirim, coiscim, teanntuighim, tachtaim, palcaim. Stop! a deirim leat is ná mairbh éinne: stad ar an dtoirt. Déanfad é agus ní tusa a stopfaidh me: a choiscfidh me ar é do dhéanamh. Ní stopfaidh an diabhal féin anois é: níl aon dul ar é do chur ina stad. D'fhógras fiche uair air ach ní stopfadh sé dom: ní scuirfeadh den rud a bhí ar siubhal aige. Ar an mbuinne a bhí fén bhfuil shaoileas ná stopfadh sí choidhche: ná stadfadh de rith. Stop an gluaisteán: beir di stad. Stop do bhéal, ní fhéadfainn bheith ag éisteacht leat: ná bíodh a thuilleadh cainnte asat. Stop an poll san: cuir rud éigin ina bhéal ná beidh sé ag rith. Ní stopfaidh sé go mbeidh sé déidheannach aige: ní scuirfidh dá fheádhannaibh. Stop an t-inneall: do scuir sé d'fhanacht ar siubhal.

stopaithe: *a.r.* stadta, scurtha, tachtuighthe, coiscithe, teannuighthe, palcaithe. Faigh réidhteóir dom, tá mo phíp stopaithe orm: rud éigin dulta i bpoll a coise atá ag cosc an ghail ar theacht. Caith an bád i bhfad stopaithe san áit: ina stad gan corruighe. An fada atá an obair stopaithe?: ar scur: gan í bheith ar siubhal. Dá mbeadh a bhéal stopaithe dhéanfadh sé bail mhór do: rud éigin curtha ann ná leigfeadh do labhairt. An t-airgead a bhíodh ag teacht chugham tá sé stopaithe orm: cosc curtha leis. An fada atá an clog so stopaithe?: stadta: scurtha de ghluaiseacht. Tá an casán stopaithe ar dhaoinibh gabháil ann: ní leigtear éinne tríd. An fada atá an t-iasc stopaithe (ar bhreith)?: tréigthe: stadta.

stopaitheacht: *b.3.* tachtaitheacht, coisctheacht, teanntuightheacht. Ní ghluaiseann an t-uisce chómh reathach is dheineadh, tá stopaitheacht air: moilliughadh reatha. Aon ghal ní fhéadfainn do bhaint aiste lé n-a stopaitheacht: a dheacracht a tarrac toisc ruda éigin do bheith ag tachtadh an phuill.

stopalán: *f.1.* aon rud a líonfadh poll. Cuir ceirt mar stopalán san scoilt sin i dtóin an bháid b'fhéidir go gcoimeádfadh sé an t-uisce amach. Dá mbeadh stopalán éigin san bplána bhriste ní bheadh an oiread gaoithe ag teacht isteach: a lán féin d'aonnidh.

stopóg: *b.2.* bean neamhchríochnamhail, neamhghasta. Is olc an bhodóg ná faghfaí stopóg a chrúdhfadh í: leibide mná. Is aindeis agus is lán-aindeis an cor atá tugtha ar an dtigh agat, a stopóg: bean gan aon chríochnamhlacht, fáscadh ná cruinneas.

stór: *f.1.* taisce, lón, cúil, ciste, earraidhe, tigh taisce, focal ceana. Is iongtach an stór tobac a bhí agat is a fhaid atá sé ag seasamh leat: cúil i dtaisce. Dá mbeadh stór plúir againn d'íosfaimís é, bail ó Dhia orainn: tigh mór lán de. Stór na ngleamach: an cómhra nó an pota ina gcoimeádtar an méid go mbíonn beartha ortha. Cuireadh na céadta tonna isteach sa stór lé haghaidh broide: áit thaisce chun a gcoimeádta. Is fada ó ocras sibh, tá stór sa tigh agaibh: cuid mhór lóin. Ní fhágfad a cheal thu ós rud é go bhfuilir ina easnamh chómh mór cé go rabhas ag déanamh stóir de: go rabhas ghá coimeád i dtaisce lé haghaidh aimsire eile. Ní mór an stór a dhein sé d'aon rud dá raibh riamh aige: ní mór dob fhiú aige é: ní raibh mórán lúib istigh a bhí aige ann. Cheannuigheas sa stór na bróga: siopa. Cuireadh an gual ar stór i gcómhair an gheimhridh: ar coimeád in áit éigin. Ó aois go bás ní fheadair neach cad bhíonn i stór do: ina chómhair: i ndán do. Éist, a stóir, is ná bí ag gol: a ionmhain: a ghrádh. A stóir mo chroidhe, mo mhíle slán chughat: duine fíor-ionmhain agam. "An leigfir léd chois me?" – "leigfead, a stóir": a bhaonach: a ghrádh.

stórach: *f.1.* baonach, múirnín. Éist, a stóraigh, foidhnigh is imtheóchaidh an tinneas díot: duine go bhfuil mo chroidhe ar fad agam ann. Is fada ó bhaile iad dhá threascairt ó n-a stóraigh: ós na daoinibh is ceanamhla leó. Mo stórach thu i lár mo dhrólann, is táim go buadhartha, brónach: a dhuine mo chroidhe istigh.

storc: (**steorc**) ainmhidhe nó duine cruinn, déanta, tochraiste. Budh dheas an storc fir é, ar mh'anam, agus do bhí fuinneamh ann: íseal, córach, déanta. Dhe, mhuise, ní raibh aon líomhthacht innte, storc mhná dob eadh í, íseal, cruinn: tuirgín mhná. Níor bh'aon tsuthaidhe muc iad ach leath-steorcanna: leath-mhuca, déanta, beathuighthe. Budh mhaith na steorcanna beithidheach a bhí ar an aonach aige: ainmhidhthe a bhí déanta, beathuighthe dréir a dtoirte.

stoth: *b.3.* stuaic, scoth, fás. Rugadar ar stoth cinn ar a chéile agus chromadar ar stracadh is ar stolladh: ar fholt. Bearraidh an stoth is cosamhail lé madra gliobach thu: folt a bhíos ró-fhada. Cathain a bhearrais thu féin? tá stoth feasóige ort: féasóg chómh fada agus go mbéarfá greim uirthi. Smeigeal an stoth atá ar ghabhar: an tor. Gach fód go mbíonn stoth air tugtar stuaicín air: locóg fiorthain, craoibhe, aitinn, etc. Níl ar an ngort ach stoth bheag annso agus annsúd: tor fánach féir. Stracfainn an stoth dhe dá ndeireadh an cladhaire aonnidh leat: bhéarfainn ar mhullach cinn air is thairngeóchainn liom é.

stothach: *a.* gliobach, fad-fholtach, scothach, clúmhach. An ceann stothach atá uirthe síos go guailnibh: folt fada, gliobach. Má bhí féasóg chómh fada san air bhí corrán stothach go maith aige. Móin stothach: go mbíonn fiorthan etc. ag fás uirthi. Madra gránda is pus stothach air: clúmhach. Muineál is ceann stothach ar an leomhan: fad-chlúmhach. Carraig stothach: go mbeadh rud éigin ag fás urithi. Beidh aimsir stothach againn: garbh, neamh-shocair.

stothaillín: *f.4.* ceann gioblach, glioblachán. Cíor an stothaillín, a bhuachaillín: an ghlibín. Budh chuma leis an máighistir sinn do theacht chuige in ár stothaillínidhibh nó cíortha, priocaithe (piocaithe): glib ar gach neach againn.

stothadh: *f.* (*-oithte*) stathadh, stracadh, baint ó phréimh. Bíonn stothadh agus stathadh ar an rud a bhíos gann: mórchuid tógála. An saoghal ghom stothadh is ghom stathadh: é ghom thuargaint is ghom chrádh.

stothaim: *b.a.* stathaim, bainim ó phréimh. Ní hamhlaidh do bhearr sé é féin in ao'chor, do stoth sé an fhéasóg: strac amach ón bpréimh í lé droch-rásúir. Stothadh anairt na luinge ó n-a slataibh lé racht gála: stolladh: tairngeadh lé fóirneart. An bhliadhain do stothadh an coirce: lé n-a giorracht ní hamhlaidh do gearradh í.

stothaire: *f.4.* duine fiadhain, láidir; mothalachán; stonaire. Stothaire capaill nách mór den gcothughadh atá fachta aige: ceann clúmhach. Ghaibh stothairidhe tuinncéiridhe an bóthar a chuirfeadh eagla ort: dream go raibh cuma fhiadhain, ghliobach ortha. B'fhearra dhon stothaire go mór bheith sa bhaile dho féin ná bheith ag caitheamh a shaoghail ag sráideóireacht: duine fiadhain, neamhchúramach, neamhghnóthach.

stothall: *f.1.* folt mothalach. Cíor an stothall, is ná bítear ag fonmhód fén gclódh atá ort: ceann gan réidhteach, gan feistiughadh.

stothallach: *a.* mothalach, gliobach. An imtheóchair stothallach mar sin ameasc na ndaoine? níl aon oidhre ort ach caora go mbeadh lomra bliadhna uirthi: lán de ghruaig gan cíoradh gan réidhteach. In ainm Dé bearraidh an stothallach is ná bíodh sé go cromáin ort!: folt muirearach. Bheadh eagla orm an stothallach san do bhualadh orm in áit uaignigh, scannruigheann a chlódh me: duine go mbíonn cuma fhiadhain, neamhghasta air. Stothallach cinn: muirearach gan cíoradh ná cóiriughadh. Stothallach fir anois, budh chóir go ndéanfadh rud éigin do féin: duine mór, cuthaigh, neamhshlachtmhar clóidh.

stothallóg: *b.2.* baineannach neamhghasta, neamhshlachtmhair clóidh is gnótha; aon rud liobarnach. Stothallóg atá innte is a chuma ar a tigh, is é atá go salach, neamhshlachtmhar: leibide mná. Beirt thuinncéiridhe is a mbeirt stothallóg ban: mná gan glanadh, gan nighe, gan slacht, gan gastacht. Stothallóg tímcheall búird seadh í, féach an tslighe aindeis a chuireann sí biadh chun duine: freastalaidhe liobarnach. Níl aon cheangal ar na stothallógaibh punann so: an cuibhreach curtha go haindeis, neamh-chríochnamhail ortha.

stothóg: *b.2.* tor, an ghruaig. Rugas ar stothóig air, agus marach san bhí sé báidhte: ar mhothal, ar mhullach cinn. Beir ar stothóig ar an asal san: ar chlúmh, ar mhuing. Táir ar stothóig aice má bhí fear ag mnaoi riamh: greim daingean docht aice ort.

stoth-shrón: *b.5.* srón gheanncach. "B'fhéidir go mbainfinn barra na stoth-shrónach díot", lé duine a bheadh rí-dheiliúsach. Budh dhual dóibh go léir do bheith stoth-shrónach: barra a srón casta anáirde.

strácáil: *b.3.* tarrac lé, coimheascar, stracadh, dubh-oibriughadh, drugaireacht, duadh. A dhuine mhuinnteardha, inneósad an fhírinne dhuit, nílim ach ag strácáil: ag claoidhe leis an saoghal go clamprach. Tar éis na strácála go léir níl pinginn ruadh im spaga indiu: an duadh saoghail. Rug an oiread san strácála orm lé mí go bhfuilim tríd an dtalamh síos aice: dubh-obair. Ní mór a bheidh againn ar phósadh dhúinn, ach beam ag strácáil linn mar is fearr fhéadfam: ag cur an tsaoghail dínn chómh maith agus is féidir linn. Ní gan strácáil a bhailigh sé an méid sin airgid ar fhagháltas bhocht: iarracht iongtach. Is mé an truagh dhealbh d'iarraidh bheith ag strácáil lé lán tighe ná tuillfeadh feóirling dóibh féin: ag bruic leó d'iarraidh iad do chongbháil i bhfochair a chéile. B'é an lá is mó dá rug strácáil riamh orm é, níor shaoileas go mairfinn leis an oidhche do theacht orm: duadh. Budh mhór an strácáil duit sinn do shroichstint is a dheacra bhí sé: an obair dhuaibhseamhail.

strachaille: *f.4.* duine díomhaoin, leisceamhail, neamhghasta. Mar thiocfadh ó láimh aon strachaille seadh tá sé agat díreach – go haindeis: duine manaoiseach lé leisceamhlacht. Imtheóchaidh ár leath ina strachaillidhibh má théigheann breis teirce ar an éadach: gioblacháin.

strachailt: *b.2.* réabadh, stracadh. Dá mbeadh seiche leathair air ní sheasóchadh sé an strachailt a thugann seisean dá chuid éadaigh: stracadh is réabadh. An bhfeicir do chuid éadaigh dhá strachailt id dhiaidh sa lathaigh agat: tarrac.

stradhain: *b.2. 7 5.* fionnach, taom obann feirge. Ná tagadh aon stradhain orm! ná tagadh, is dócha, tar éis me bhualadh: néall obann feirge. Cad chuir chun stradhnach é? tá gach aon léim as a chorp is as a chroiceann aige: an bhuile. Is furaiste stradhain do chur air, ach is fiú ór é ina dhiadh san: fearg mhór shealadach. Leig do faid agus bheidh an stradhain air, go gciúnóchaidh sé agus annsan gheobhair breith do bhéil féin uaidh. Nuair thagadh an stradhain uirthe, ní ghá chasadh léi é, bhíodh cubharán bán lé n-a béal: néall fhiadhain buile.

stradhnálaim: *b. n-a.* éirighim cuthach orm. Stradhnálfadh sé ar aon tsaghas cúise a gheóbhadh sé in ao'chor, tá sé ar nós an spuinnc: lasfadh sé suas chun feirge. Ná stradhnáil chómh bog san, ní faic buaidhte agat é: ná leig thú féin chun feirge.

strae: *f. n-dh.* fán, dul amudha. B'fhada ar strae ó n-a chreideamh é, ach d'fhill sé air: imthighthe uaidh: é fágtha annsan aige. Chuadhamair ar strae sa cheódh is nuair scairt sé níor bh'eól dúinn cá rabhamair: ar ár n-eólas: as an slighe chirt. Gearraidh díreach leis an siosúr é agus ná téighir ar strae: ar aon taobh. Ag imtheacht ó áit go háit, ar na bóithribh mar bheadh strae mhargaidh: ainmhidhe a bheadh dulta amudha. Chuaidh an scian chun strae in áit éigin, ní fheaca ó shoin í: amudha: gan a bheith lé fagháil. Ná téigheadh aon strae ort anois, cuimhnigh ar cad tá lé rádh agat: ná habair is ná déin ach an rud ceart. Ná leig ar strae an peann san uait, tá sí ró-mhaith lé cailleamhaint: ná teigheadh sí amudha: ná tabhair aon bhóiléagar innte. Ar strae óm thír is óm mhuinntir: gan aon tuairisc orm.

straedhim: *b.a. 7 n-a.* téighim amudha, as an slighe, imthighim lé fán. Do straedhidh na beithidhigh ón aonach is beidh lorg ortha: d'imthigheadar as a n-eólas. Cár straedheadar so ón mbiadh? sin é ullamh lé fada ina gcóir é: d'imthigheadar as an áit budh cheart dóibh nó go mbeidh súil leo. Straedhidh sé a lámh isteach im phóca i nganfhios dom, is d'éaluigh leis mo chuid airgid: shleamhnuigh sé í. Cá straedhfir anois?: cá ngeóbhair?: dul thar teórainn áirighthe. Straedheas síos cois na habhann gan neach ghom thabhairt fé ndeara: d'imthigheas go neamhthuiseach. Fanfad ag baile feasta, ní straedhfead choidhche airís: ní imtheochad lé fán.

straere: *f.4.* (**straetíre**) fánaidhe, ródaidhe, duine nó ainmhidhe a théigheas amudha; stráille. Nách breágh ná bíonn an straere seo lé fagháil aon uair do theastuigheann sé, cár thug sé a aghaidh anois?: duine a imthigheas thar teórainn na háite in ar cheart do bheith nó gur ghnáth leis. Nách é an straere é ná fuil ge n-a chuid bídh fós?: stráille: duine a ghluaiseas tímcheall gan aidhm gan chúram. Níor dhein an straere sin lá oibre ó baisteadh é: stráille: duine a sheachnas obair is a chaitheas a shaoghal ag gabháil tímcheall. Is beag dhéanfaidh sé dho féin bheith ag imtheacht ina straere fáin i bhfad ó bhaile: seal annso is seal annsúd, gan aon fhonn oibre ná fagháltais. Straere capaill ná fanfadh i bpóna is é do bheith ann: ceann fáin: siubhlach. Straere tighe gur chaitheas leath na hoidhche d'iarraidh

eólais do dhéanamh go dtín folclainn, bhí an oiread san poll is póirse ann: tigh gan aon riar ná órdughadh ceart ar a shíneadh amach.

straereacht: *b.3.* (**straethireacht**) imtheacht lé fán, stráillidheacht, seachmall. Straereacht is mó atá dhá thaidhbhreamh aige is ní hobair: díomhaointeas is fánaidheacht. Ag straereacht fén sráid: ag gabháil tímcheall gan aon chúram. Is é am den oidhche dhuit é bheith ag straereacht: amuigh ód thigh gan ghnóth. Teangmhóchaidh an straereacht duit-se: an tseachaint oibre agus an leagadh lé díomhaointeas: feádhaireacht.

straibh-iarracht: *b.3.* buille a luighfeadh ar chuid mhór den gcorp. Thug sé straibh-iarracht de chois na scuaibe dho, gur chuir freangaidhe air: buille a luigh go mór air. Straibh-iarracht de chleith bhata: buille gur shín cuid mhór di ar an rud do buaileadh. Maran raibh straibh-iarrachtaidhe dá fhagháil ag an asal feadh na n-easnaidheacha: buillidhe ar a bhfeadh ar fad.

stráice: *f.4.* géire, blúire gur sia ar a fhaid ná ar a leithead, stiall, leadhb liobar; cladhaire; fear cliathánach; tóirtéis, lán. Tá sé, agus is mithid do é, ina stráice fir: mór groidhe. Budh chruaidh, láidir an stráice é: fear go raibh cliathán aige gan bheith caol ná seang. Sé an stráice é ná déanfadh fiú luach leath-phingne fé iadhadh an tighe: an duine díomhaoin. Stráice bacaigh is mála míre thiar air: cleitheamhnach: fear acfuinneach. Gearraidh an t-éadach ina stráicidhibh caola: blúiridheacha fada: géiridheacha. Níor mhór stráice do chur isteach sa tseól chun a mhéaduighthe: góire. Ina stráicidheachaibh atá an talamh roinnte eatartha: ina chodaibh fhada. Brostuighimís, tá stráice den lá imthighthe: cuid mhaith dhe. Is diail an stráice lae a bhíonn ann lá tSin Seáin: lá go mbíonn cliathán aige. Cuirtear ceiridhe agus stráice ar an láimh thinn: fáisceán. Mara leigir dom beidh gach aon stráice agam ort go sásóchad mé féin díot: buillidhe móra, troma. Cuir stráice anairte (stáin etc.) ar thóin an bháid mar a bhfuil sí stracaithe: blúire fada. Tugadh "an stráice" mar leas-ainm air, an lé n-a dhíomhaointeas is leisce é nó lé tóirtéis é? Thug sí braon té agus stráice chíste ar son Dé dhom: slisneóg mhaith, fhada. Beir leat go bhfuil stráice maith bóthair rómhat amach agus an méid sin ar fad aimsire agat: speal fhada. Ná fuil árd-stráice ann ó bhí sé annso cheana, ní mór gur cuimhin liom é: seal fada. "An rabhais san bhFrainnc?" – "chaitheas stráice innte": tamall. Cuireann sé stráice an domhain air a fheabhas atá sé ag dul ar aghaidh: meas mór aige air féin. D'ólfadh san stráice tobac tá an oiread san dúlach aige: blúire fada, taithigeach. Dhéanfadh sé siúd stráicidhe dhíom, tá an oiread san nirt ann: géiridheacha: stracfadh sé as a chéile me. Éirigh, is ná bí sínte id stráice annsan lá breágh, gréine mar é seo: sliasta: rud fada, leisceamhail, neamh-anamamhail. Bheadh a stráice d'aon rud a bheadh ar siubhal aige, nó raghadh dian air: a chion. Ní mór an stráice atá déanta aige ó thosnuigh sé: ádhbhar oibre. "An fada a fhanfair ann?" – "bead d'iarraidh stráice do bhaint de": d'iarraidh an méid aimsire is féidir liom do bhaint as.

stráiceach: (**stráiceamhail**) *a.* tóirtéiseach, mustarach, stuacach, girréiseach. Bean ró-stráiceach í sin chun aon duine ón gceanntar iargcúlta so do phósadh: go bhfuil an iomad láin agus measa fúithi. Nuair bhíonn aon rud ina phóca baineann sé sughlach as agus braitheann sé an-stráiceach i rith na huaire: girréiseach: an-chroidheach, brobhasach. Ní

gábhadh dho bheith chómh stráiceach sin, ní mór lé maoidheamh aige ar aonnidh eile: tóirtéiseach: baoth, mór-mheasach ar a thréithibh.

straille: *f.4.* mata, brat úrláir, aon rud aindeis gan réidhteach, toice. Ní tháinighis chugham riamh gan straille scéil agat ná féadfainn tóin ná ceann do dhéanamh de: ceann achrannach. Theastóchadh uait-se straille úrláir do dhéanamh díom: me do bheith ar do thoil is ar do chur agat. Ná bíodh aon tsúil agat go mbeidh an straille sin luath ná tapaidh lé haon rud: duine gan phreab, gan fonn ná clódh aon ruda do dhéanamh. Straille de chailín ná déanfadh lán do bhaise ort ach gearr-aighneas do thabhairt duit: toice gan luid maitheasa. Sean-phacaidhe a bhí ar an úrlár mar straille ann: brat. An líon imthighthe ina straille gan corc gan téad: rud fada, aindeis.

stráille: *f.4.* fear árd, díomhaoin, neamh-adhmannach. Nách é an truagh an oiread óig-fhear bheith ag imtheacht ina stráillidhibh gan faic lé déanamh aca: díomhaoin, fastaomach. An bhfeacaís riamh ar a mhalairt de shlighe é ach ina stráille?: duine a bhíos ag imtheacht ag faoibín gan gnóth aige ná a mhairg air. Ó, i mbaile mór a bhuailfeadh na stráillidhe leat nár mhór aire do thabhairt duit féin ortha: lucht an díomhaointis is iad ag faire ar a gcaoi. Ní feacthas ó mhaidean an stráille sin: feádhaire: duine a bhíos lé díomhaointeas. Níl aon stráille a gheóbhadh an bóthar ná stadfadh sé ag comhchainnt leis: duine díomhaoin ag siubhal thart.

strailleadh: *f.* (*-lte*) ar sileadh i ndiaidh. Do chuid éadaigh ar strailleadh sa draoib: ar sileadh ar an dtalamh go neamhghasta. Beir leat nách aon amadán é sin agat, gur fada go bhfaghair aon rud ar strailleadh ina dhiaidh: ar bóiléagar: gur féidir lom d'fhagháil air. Ualach trom, mór éisc ar strailleadh siar síos leis: ina shlaod. An téad ar strailleadh leis an mbád: ina diaidh go liobarnach.

strailleóg: *b.2.* baineannach leibideach. Is tú an strailleóg chéadna choidhche, an ndéanfair faic i gceart?: leadhbóg: duine neamh-ghasta. Strailleóg mhná atá agam ná cuireann greim is ná cnotálann lúb!: bean gan aon chríochnughadh. Strailleóga ban atá ann anois i gcómhnáird leis na mnáibh a bhí ann lé linn ár n-óige-ne, stocaidhe síoda is éadaighe greanta is caitheamh aimsire in ionad oibre is saothair: mná gur cuma leo ach a n-aoibhneas.

straillín: *f.4.* aon rud ar sileadh, ar crochadh nó ar luascadh, sreang, gáirtéir, sraith, scuaine; baineannach neamhghasta. Bailigh chughat do chasóg is ná bíodh sí ina straillín id dhiaidh ar an mbóthar: í dhá tharrac id dhiaidh agat. Rinne an taoide straillín des na líontaibh: slabhradh: chas sí ar a chéile iad go rabhadar mar bheadh slabhradh fada. Straillín mór géadhanna ar an mbóthar rómham ná féadfainn gabháil thársa gan bascadh do dhéanamh dóibh: scuaine mór fada. Na léinteacha in aon straillín amháin ar an ndaradha: i ndiaidh a chéile mar bheadh sreang nó lúba slabhraidh. Cartacha banbh ina straillín ar thaobh na sráide ó n-a ceann ceann: ina sraith: ceann ar cheann. Cuir chuige i gceart is ná bí id straillín tímcheall air: id liobairne duine. Dhein sí straillín den mbairlín chun í féin d'ísliughadh ón bhfuinneóig ar an sráid amuigh: chas ar a chéile í ar a faid.

stráiméad: *f.1.* stráice, géire, góire, stiall chaol fhada, buille trom, blúire fada adhmaid; féar árd. Strac sé an bhairlín as a chéile is dhein stráiméadaidhe dhi: blúiridheacha caola fada: géiridheacha. Gearraidh stráiméad aráin duit féin: slisneóg fhada. Is é an náire choidhche do stráiméad fir mar thu leisce bheith ort an rud éadtrom san d'iomchar: strapaire: fear árd, cumasach. An lá tháinig an taoiseach ar an mbaile bhí stráiméad go flúirseach anáirde treasna na sráide: stráicidhe fada, caola éadaigh. Buaileadh lé stráiméad treasna na ngualann me a chuir me ag lúbarnaigh: buille mar tabharfaí lé bata. Dóthain éinne de stráiméad lae anois ann: lá mór, fada. Tá faid sin (ag tómhas ar ghéig lé crobh na géige eile) de stráiméad i ngach breac aca: mar bheadh ó chlais na huilleann go bárr na méar. Stráiméad mná ná féadfadh císte do dhéanamh di féin: bodóg.

straimp: *b.2.* míchéadfadh, spuaic, tormas. Cuireann sé straimp air ná faigheann sé féin faic is go bhfaigheann a thuilleadh: spuaic. Cuir díot an straimp is ith do chuid: an tormas: míoshástacht.

strainnc: *b.2.* grainnc, snaidhm bhéil, cumaidhe. Ná bí ag cur strainnce chugham-sa le míchéadfadh: driuch gránda aghtha le holc nó stainncín do chur ar dhuine. Chuirfeadh sé strainnc ar dhuine le mío-thaithneamh do: spuaic a bheadh lé feicsint ar an gceannaghtha.

straip: *b.2.* striapach, bean táir. Ní thabharfadh an straip faic lé n-itheadh dhom, is amhlaidh d'iompuigh sí a cainncín anáirde: bean gan chroidhe. Bí aireach ar an straip sin, is tapaidh d'fheallfadh sí ort: baineannach nár mhór duit bheith ar t'iontaoibh léi.

stráisiún: *f.1.* deiliús, clódhchas, míonáire, éadan. Budh mhór an stráisiún duit dul ag lorg ar dhuine d'eitighis féin: éadan. A leithéid de stráisiún go raghadh suarachán mar é chun cocaidheachta le fear mar mise: de chlódhchas. Sháidhfeadh sé a cheann in aon áit gan iarraidh, cá ngeóbhadh an stráisiún atá ag baint leis?: deiliús: fonn mío-chuibheasach chun duine féin ghá chur in iúil. Is beag dá chuid stráisiún mo rothar d'árdach leis gan mo chead: dánaidheacht gan náire.

stráisiúnaidhe: *f.4.* duine clódhchaiseach, deiliúsach, dána. Gan a fhiafraighe dhíom ar mhisde liom é, suidheann an stráisiúnaidhe síos gem bhórd agus cromann ar itheadh: duine lán de dheiliús: de dhánaidheacht gan mhúineadh. Stráisiúnaidhe í siúd ná sillfeadh a súil ort, gur dhóigh lé duine gur b'as a tóin éirigheann an ghrian: tóirtéisidhe.

stráisiúnta: *a. n-dh.* dána, clódhchaiseach, leacsteámarach. Thug sí súil stráisiúnta air budh dh'fhobhair do chuirfeadh tríd an dtalamh síos é: dána, dorrdha. Ní bheadh sé leath chómh stráisiúnta is atá, ag déanamh go haonnidh is toil leis dá mbeadh smut dá mheabhair dá thabhairt do, rud is furaiste: deiliúsach: dána trí mí-bhéas is tóirtéis.

strampáil: *b.3.* bualadh, corruighe duaibhseamhail. Cloisim an capall ag strampáil sa stábla, féach an aon rud atá air?: ag bualadh is ag speachghail lé n-a chrúbaibh. Cad é an strampáil atá ort ar an gcathaoir, ná fanfadh socair: corruighe guairneáin. Na ba ag strampáil san abhainn d'iarraidh na gcuileann do ruagadh uatha: ag bualadh a gcrúb chun an uisce do strealladh ortha féin. Is geairrid uaidh an chabhair anois, is baoghalach, mo thuairm gurb í strampáil an bháis atá air: guairneán cuirp. Má bhír ag strampáil sa

leabaidh mar sin ní fhéadfadh éinne codailt leat: ag corruighe is ag suathadh ó thaobh taobh. Cad é an strampáil atá ar fuaid an tighe agat ná suidhfeá ar nós gach neach eile: ag gluaiseacht 'sag déanamh glór cos.

strampálaidhe: *f.4.* duine nó ainmhidhe tugtha do strampáil. Thárlaidh strampálaidhe suidhte im aice san amharclann agus shuaidh chómh mór san me ná féadfainn bheith compórdach ná aon rud do chlos: a bhí ag corruighe is ag déanamh glóir lé n-a chosaibh. Is é an strampálaidhe ina chodladh é: codlatánach neamh-shuaimhneasach. Seachain tú féin ar an strampálaidhe rinnceóra san nó bainfidh sé na cosa dhíot: ná bíonn ró-ghasta leis na cosaibh.

strampálta: *a. n-dh.* tugtha do strampáil, tuathalach, aindeis. Cuireann sé chómh strampálta san chun rinnce ná fágfadh sé aon mhéar coise ort: bheadh sé ag satailt ort lé haindeise. Bíonn sé strampálta sa stábla: tugtha do bheith ag speachghail mar bheadh ar lorg bídh. Bíonn an bhó strampálta dhá chrúdh: crosta, neamhshocair.

strana: *f.4.* stoda fiacaile. Na stranaidhe fiacal atá ag an madra: fada, géara. Léan id strana! deirtear lé duine ná taithneóchadh linn. Léan ina strana! ní mór an mhaith a bhí riamh ann. Stracfadh a stranaidhe seithe leathair as a chéile: fiacla fada, daingne, láidre. Fear etc. an strana: go mbíonn fiacal mar stada aige nó go mbíonn scaimh béil air. Chuir sé strana air féin chugham: scughaidh sé a fhiacla.

stranaire: *f.4.* duine go mbíonn fiacal nó fiacla fada aige; go mbíonn scaimh air. Ní mór é mo mheas ar an stranaire sin: duine ná bíonn an chír fiacal córach aige. D'éisteóchainn-se do chuid gáiridhe, a stranaire, gan puinn moille: duine a scughas a fhiacla i bhfonmhód is nách ró-thaithneamhach a scaimh.

stran-fhiacal: *b.2.* sprochaid fiacaile. Budh mhór an truagh stran-fhiacla do bheith aice budh thaithneamhach an bhean í mara mbeadh é: fiacla níos sia 'ná mar is gnáth. Stran-fhiacal ar gach taobh agam ná tagann go ró-dheas dom: níos sia 'ná an chuid eile.

stran-fhiaclach: *a.* faid-fhiaclach. Cú stran-fhiaclach a stracfadh as a chéile thu.

strangadh: *f.* (*-gtha*) tarrac, freangadh. Chidhfeá fáthanna a bhéil ar strangadh lé feirg (eagla etc.): freangaidhe ag teacht ionat. Bíonn a súile ag síor-strangadh: na duilleóga mar bheidís ag rinnce. Is é do ghoirtigh é na feithleóga do strangadh trí ghortughadh: do stathadh as a n-ionad. Thug an t-iasc strangadh don ndaradha d'iarraidh bailighthe leis: iarracht láidir, dhocht.

strangaim: *b.a.* stracaim, stathaim, tairngim lé fuinneamh go grod. Do strang sé uaim é amach as mo láimh: do sciob le stracadh. Strangann mo shúil ón dtinneas atá suas im leathcheann: preabann sí.

strangaire: *f.4.* duine nó ainmhidhe árd, neamhchórach, a bheadh neamhshocair, tairngtheach. Ceathrar strangairidhe a spealfadh gort féir go tapaidh: go mbeadh stracadh maith ina ngéagaibh. Cá bhfuil strangaire an tighe seo imthighthe?: duine árd, láidir ach

ná beadh leagtha lé hobair ag díomhaointeas. Gaibh isteacht do strangaire capaill fén ualach san is bíodh sé ar a thástáil aige: cnámhach, árd, lom. An ndéanfaidh an strangaire mic sin agat aonnidh dho féin choidhche?: árd, cnámhach, díomhaoin.

strangaireacht: *b.3.* tarrac is suathadh, leisceamhlacht. Cad é an strangaireacht atá ort leis an bpeann san? brisfir í: sáthadh is cor dhá thabhairt di ná hoireann do rud chómh leóchaileach léi. Is míneárach an eascú í, an strangaireacht atá uirthi d'iarraidh teacht as an bpota: na hiarrachtaidhe láidre d'iarraidh í féin do stracadh amach as. Is mór liom an strangaireacht atá ar an gcapall fén ualach san áit achrannaigh sin: suathadh is preabarnach. Ná bíodh aon strangaireacht ort ach díol nó fág: neamhshuaimhneas.

strangláil: *b.3.* suathadh, stracadh is tarrac. Rud an-strangláil orm ameasc na gcarraigeach d'iarraidh me do shaoradh ortha: iarrachtaidhe duaibhseamhla dhá dhéanamh agam. Beidh strangláil an domhain air é seo do réidhteach, tá mórchuid achrainn air: duadh agus útamáil. Ag strangláil a chaithfir do shaoghal: go duaibhseamhail, is é mós maith dhuit. "Cloisim go bhfuilid an-bhocht" – "ag strangláil, sin uile": ar a gcroidhe díchill fé dhuadh is fé thuirse. Tar éis na stranglála go léir a rug air, oiread is mharbhóchadh seisear eile, féach go dtáinig sé chun cinn: coimheascar agus duadh. Má bheireann aon strangláil ort beir déidheannach: aon mhoill ná féadfá gluaiseacht in am aice. Beireann strangláil dighe i gcómhnaidhe ar an bhfear gcéadna: sithléig is greim éigin a mhoilligheas breis é.

strapa: *f.4.* céim dheacair i bhfaill, sliast. I mbun strapa Fhaille Cliath: áit den gcosán atá an-aimhréidh. Seachnuightear an strapa i gcómhnaidhe: an chéim dheacair do ghabháil. Tamall ó fhaobhar an uisce tá strapa ann go bhféadfá suidhe ann: sliast: áit gur féidir greim d'fhagháil, cidh deacair. Claidhe chómh hárd go bhfuil strapa ann: gur an-dheacair gabháil tríd. Cad é an dochma atá ort tabhairt fé, ní haon strapa atá rómhat: aon chruadhtan: deacracht céime.

strapach: *a.* géar lé greamughadh tríd, fiadhain, láidir, goirgeach. Faill strapach, is deacair í do shiubhal: céimeanna dian lé n-a ngabháil tríotha innte. Lá ró-strapach seadh é chun féir, ní fágfaí sop gan séideadh agat: fiadhain, gaothmhar. Ní cuibhe dhuit bheith chómh strapach is go mbeifeá ag tabhairt ainmeach orm: goirgeach, stuacach.

strapadóir: *f.3.* (**drapadóir**) greamuightheóir in áitibh seasaitheacha, géara. An cat an strapadóir, an barránach: is é is cliste chun greama cos d'fhagháil. Ní shroichfeadh aon strapadóir an nead, mar bhí cabha fén bhfaill ann: greamuightheóir: duine a ghluaiseas i gcoinnibh géire lé cabhair chos agus lámh. Ina strapadóir chómh maith lé gabhar: cruinn-chosach.

strapadóireacht: *b.3.* greamughadh cos is lámh i bhfaillteachaibh is i gcoinnibh géire. Ag strapadóireacht do thánga aníos: lé cabhair mo lámh is mo chos. Budh mhaith an strapadóireacht dul go barr Bod a'Seasamh: greamughadh.

strapaire: *f.4.* duine déanta, bríoghmhar. Strapairidhe fear ar fuaid an pharróiste is gan neach aca ag pósadh: óigfhir acfuinneacha. Strapaire de chailín bhreágh: go bhfuil

scrothaidheacht is éascaidheacht innte. Tá a gclann ina strapairidhibh anois: iad fásta, anamamhail.

streabhóg: *b.2.* duine, ainmhidhe, nó rud gan tairbhe, liobar (éadach), baineannach sheang, fear gan bhrigh. Budh mhaith agus budh bhreágh an chasóg í, cad dheinis léi go bhfuil sí imthighthe ina streabhóig: balcais gan tairbhe déanta dhi. Streabhóg bhocht mhná go raibh sé de chuma uirthe nár ith sí a dóthain lé mí: bean sheang, lom, chaithte. Thabharfadh an streabhóg ghearrchaile sin aighneas d'atúrnae: deiliúsach, tighearnamhail. Faic 'en tsaoghal ní choingbheóchadh an streabhóg sean-mhála: mála dearóil atá ag leaghadh as a chéile. Gheóbhaidh an streabhóg bhó san bás leis an ocras mara dtugtar ionnúireacht di: ainmhidhe i ndeireadh na feide.

striapach: *b.2.* bean choitcheann, méirdreach, fuachaid. Is fearr inghean ina striapaigh 'ná mac ina iarla: claoidhfidh t'inghin níos sia leat: b'fhearr dhuit bheith ag brath ar aon tsaghas inghine ná ar mhac dá fheabhas: do mhac do mhac indiu, t'inghean t'inghean go deo. Gal ges gach éinne ar mo phíp-se, í ag imtheacht ina striapaigh eatartha: a thamall féin ges gach éinne uirthi. Mise ag obair ar mo chroidhe díchill is striapach inghine agam ná déanfadh lán mo bhaise dhom: ná fuil aon mhaith innte dhom. "An é nách bhfuil a fhios agaibh gur bhaill de Chríosd bhur gcuirp? uime sin an dtóigéabhaidh misi baill Chríosd chun ball striapaighe do dhéanadh díobh? Nár leige Dia sin" (1. Cor. VI. 15). Éire ina striapaigh leis na ciantaibh ag an saoghal mór: iad ghá scrios. An bhfuil fhios agat ná fuil meas striapaighe agam air: táir mhór do.

striapachas: *b.1.* méirdreachas, drúis choitcheann; coitcheannas. D'imthigh sí le striapachas: coitcheann. "Achd ní do striapachas do hórduigheadh an corp ach don Tighearna agus an Tighearna don chorp" (1. Cor. VI. 13): do chumaisc faoi is tharais. "...agus do bhí capán órdha aice ina láimh lán de ghráineamhlacht agus de neamhghlaine a striapachais" (Taisb. XVII. 4): a beatha coitchinne. Is mór an striapachas duit anois ná déanfadh an méid sin maitheasa orm thar éis a bhfuil déanta de chomaoin agam duit: allfraitsidheacht shuarach.

striobaid: *b.2.* giobal, rud gan mhaith, sean-bhalcaisidhe; duine leibideach. Caith dhíot an striobaid hata san, is ná feiceadh éinne ort é: leadhb: rud gan mhaith. Striobaid fir ná fuil de mheisneach aige focal do rádh ar a shon féin: suarachán. Cad í an striobaid í sin ar sileadh thiar leat?: lipéad, giobal. Striobaid asail ná fuil iomchar an tsaic fhollaimh ann: ainmhidhe gan anam gan phreab. Má théigheann an saoghal i gcruadhtan ní bheidh againn le cur orainn féin ach na striobaididhe: giobail: seanbhranngóididhe gan tairbhe. Aon rud ní fhágfainn fé chúran striobaide mar thusa: duine neamhghasta.

stríoca: *f.4.* síog, líne, riabh, rian mar déanfaí lé peann nó lé cailc, riasta. Ná téighir thar an stríoca san treasna an bhóthair: rian: mar bheadh scramhadh nó líne lé haonnidh go mbeadh barra caol air. Tairng stríoca léd sháil treasna na gainimhe: déin rian. Sin focal mí-cheart, tairng stríoca tríd, scríbh a mhalairt: líne shingil ó rinn pinn nó pinn luaidhe. Ní ólann sé ach an áirighthe sin, tá stríoca leis: teóra: cuimse. An ghaoth atá ar na stríocaidhibh sin sa spéir: stráicidhe fada, caola, cama nó díreacha ar mhalairt datha lé scéimh na spéire. San áit gur gearradh é fadó tá stríoca bán fós: riasta. Paiste beag eórnan

ina stríoca anuas trí lár na páirce: stráice caol: rian. Bíonn baill agus stríocaidhe in ubh an éin úd: línte: cómharthaidhe mar thairngeófaí lé peann. Ní haon chómhaireamh a deineadh ar an iasc ach stríoca do tharrac treasna tríd: casán beag caol. Ubhall agus stríocaidhe dearga ann: síogaidhe. Siar lé cliathán an árthaigh tá stríoca nách dleaghthach í do dhoimhniughadh tharais sin: cómhartha dathuighthe ar malairt lí leis an gcliathán féin. Mo dhrom lán de stríocaidhibh ó bheith ag gabháil lé téadán orm: riastaidhe, fústaidhe. Cómhnuighim ar stríoca díreach uatha treasna an pharróiste: líne. Ar aon stríoca amháin den bpeann bhrisfeadh sé as adhmannas me: scríobadh. Cad iad na stríocaidhe atá anois fé, ní fheadar?: bóithre: feadhanna: bearta ar maoith aige. Cuid do stríoca annsan go ndearbhuighir leis an méid sin: cómhartha. Níl aon stríocaidhe tríd, bíodh do mhuinghin as: rian cré bhuidhe.

stríocach: *a.* línteach, síogach, riastach, géilleamhail. Éan stríocach riabhóg: tá síogaidhe de mhalairt datha uirthi leis an mbun-dhath. Seo páipéar stríocach go bhfuilim ag scríobh air: línteach. Éadach stríocach dob fhearr leis: go mbeadh síogaidhe ag rith tríd. Ní phósfadh sí in ao'chor é, is stríocach léi é: neamh-chruinn, neamh-chríochnamhail: tugtha do bhreis chaitheamh aimsire is faillighe gnóthach. Má tuigtear duit go mbeadh stríocach dot chuid bladartha nó bagartha, is go meallfair me, tá dearmhad ort: géilleamhail: claon lé faitchíos rómhat. Is neamh-stríocaighe go mór sinne Éireannaigh 'ná aon dream eile do bhí Sasana d'iarraidh a smachtughadh: is neamh-ghéilleamhla. Duine docht ná fuil stríocach: nách féidir do chlaonadh.

stríocadh: *f.* (*-ctha*) géilleadh, claonadh, claoidheachtaint; ag déanamh na talmhan (long). Táthar ag dul ró-dhian orainn caithfeam stríocadh nó déanfar scrios orainn: géilleadh: tabhairt suas. Ag stríocadh dos gach éinne chuirfeadh sé déistin ort, mara dteastóchadh ach ó leanbh é do dhéanamh ruda do: géilleadh go bog gan aon dochma. Áthraighe ag stríocadh chun cuain fé lán-tseól, budh bhreágh liom bheith ag amharc ortha: ag déanamh fé n-a dhéin.

stríocáil: *b.3.* gíotáil, do dhéanamh ádhbhairín, rian, scramhadh; iarracht. Is fada go raibh sláinte mhaith aige, ní bhíonn sé ach ag stríocáil: gíotáil: máineáil lag oibre. Bead ag stríocáil leis ar mo shuaimhneas: ag gabháil do go mall. Laetheanta ní dhéinim ach stríocáil scríobhnóireachta: iarracht chuibheasach. Cad a dhein an stríocáil seo ar an mbórd: scríobadh: riastaidhe. Deir an dochtúir go bhfuil an duine breóidhte ag stríocáil, gur dócha ná téarnóchaidh sé an oidhche: ag géilleadh: ag ceileabhradh 'sag dul chun deiridh. "Ar scríobhais an leitir?" – "dheineas stríocáil éigin uirthe": thugas iarracht éigin uirthe. Cuir uait do chuid stríocála is ná lait do leabhar: do dhéanamh línte air. Stríocáil éigin ar an ngalán gur dóigh lé mórán gur Ogham Chraobh é: breacadh. Níl fonn stríocála ar aon taobh aca fós, táid ag ionnsaidhe a chéile chómh cuthaigh is bhíodar riamh: géilleadh, claoidhe.

stríocaim: *b.a.* $_7$ *n-a.* géillim, claoidhim, claonaim, sosaim de, triallaim chun puirt. Ná stríocfair is a bhfuil caillte agat? nó an leanfair de?: an ngéillfir? Ní stríocfam choidhche go mbeidh an buaidh againn nó go gclaoidhfir ar fad sinn: ní ghéillfeam. An stríocfá an méid sin dom?: an ngéillfeá go bhfuil an ceart agam? Stríoc do chluas chugham go gcogróchad innte: crom. Chun cuain nuair stríocaid áthraighe is a gcuid anairte gan ríf:

triallaid go héascaidh, seólta. Stríoc beagán, táir ró-dhian: maoluigh ar t'iarracht. "An raghair abhaile anocht?" – "stríocfad air ach go háirighthe": tabharfad iarracht fé. Stríoc amach an focal sin níl aon chall leis: scrios. Stríoc síos gach aon rud mar déarfad leat: breac síos iad. Stríoc beagán ar thaobh go leigir thart amach an trucaill atá id dhiaidh: géill: maith slighe.

stríocálaidhe: *f.4.* gíotálaidhe, duine a oibrigheas ar a dhícheall, olc nó maith. An stríocálaidhe, tá sé ar a dhícheall: gíotálaidhe: oibridhe a bhíos ag síor-chorruighe. Is iomdha stríocálaidhe bocht ná féadfadh béile mhaith do chur ar bhórd do féin: duine go mbíonn an saoghal ró-mhaith dho.

stríocálaim: *b.a.* 7 *n-a.* triallaim, gíotálaim, tairngim liom. Stríocáil leat ar do shuaimhneas: oibrigh leat mar is féidir leat. Stríocálfad liom abhaile anois, is mithid é: triallfad más mall féin é. Am éigin idir sin agus maidean stríocáil sé an tigh: shroich sé é d'aindeóin duaidh, tuirse, etc. Stríocáil an suidheachán is lait é: cuir riastaidhe ann. Cé stríocáil an falla? tá sé go léir laitithe: a smear é. Stríocáil an talamh i gcóir na bprátaidhe: riastáil. Cé stríocáil plána na fuinneóige? is gránda an íde atá tugtha air: a scríob air is d'fhág rian gearrtha ann.

stríocálta: *a.r.* riastuighthe, breacuighthe, triallta, sroichte, scríobtha. Tá sé stríocálta agat, agus ní nár duit an obair atá déanta agat: triallta cé gur go duaibhseamhail é. Dá mbeadh an gort stríocálta agam bheinn ag cur aoiligh air: riastálta: an fód iompuighthe is leapacha déanta dhe. Cad bheir an leabhar so stríocálta? féach an clódh atá air: línte tairngthe i ngach treó air. Cloch stríocálta an bhró: breacuighthe: gearraidheacha curtha innte.

striúda: *f.4.* máille, ball. Connus tá gach aon striúda dhíot? go maith tá súil agam?: gach ball ded chorp. Chuaidh cuid de striúdaidhibh an chluig amudha thar éis é do scur dom agus téigheann díom a bhfagháil: mállaidhe: na baill a théigheas chun a dhéanta.

stródh: *f.1.* strus, cruadhtan, constaic, moill, iarracht, faillighe, sithléig. Scaoil chun siubhail me, ná cuir aon stródh orm, táim ag rith lém anam: ná moilligh me, tá deabhadh an domhain orm. Rug stródh an domhain uile air nuair cailleadh a bhean, lán tighe clainne aige is gan cabhair ná cóngamh in éinne aca: cruadhtan is broid. Is minic sin stródh atá breith air agus ná stríocann an baile go maidean: moill is sithléig. Is maith an rud stródh, ach ní maith an rud ró-stródh: beagán sithléige is seachrán nílíd ró-dhona ach etc.: ná bí fadálach lé haon rud. Ní fuláir nó tá sé ar bheagán stróidh, sé clódh atá air é, gan luid den éadach air: gan puinn gustail. Ná coingbhigheadh aon rud fén spéir stródh ort: moill: faillighe. Mo ghradhain a chroidhe gan stródh, is beag aige púnt do chaitheamh: gan mairg: fial, fáilteach. Cad tá ag congbháil stródh ar mo chuid airgid, budh cheart do bheith annso seachtmhain ó shoin: ag cur moille air. Bhuail duine éigin liom is chuir sé stródh orm, sin é budh bhun lé me do bheith chómh mall: cainnt is moill. Ná cuir aon stródh ar éinne ná fuil aithne agat air, ní fheadraís cad é an saghas a bheadh ann: ná cainntigh é. An stródh is mó a rug riamh air an mheisce úd coighcís ó Áth Cliath go Corcaigh: righineadas is clampar. Ní stródh ar bith air é do dhéanamh: aon duadh: aon nath ná cur as do. Lucht stróidh is stráice, is beag é a mairg sa tsaoghal: daoine claon le

cainntiughadh agus righin lé scaramhaint ó chéile. D'fhéadfadh leanbh labhairt leis, geallaim duit ná fuil aon stródh ag baint leis: mustar ná mórdháil. Ná bí ag stródh san mbaile mór anois, bí ag cur díot abhaile: ag moilliughadh gan chúram. Cuireann tú stródh croidhe orm, ar mh'anam is mór é mo thruagh dhuit: goilleann tú orm go mór. Má tá aon stródh eile ort anois, abair liom é agus mise an fear a fhóirfidh ort: cruadhtan: broid. Ní gábhadh dhuit aon stródh do dhéanamh as, níl sé déanta chómh hiongtach san agat: mustar.

stróc: *f.1.* freangaidhe tinnis, blúire, "órdlach". Cuirfidh an bainne géar san stróc ort mar tá an iomad alluis silte agat: tinneas uathbhásach id ghoile. Ghluaiseas an bóthar ar mo bhog-stróc: ar mo shocracht. Capall atá lán de stailc, bitheamhnach ná déanfadh stróc ach mar is maith leis: aon luid oibre. Stad sé go hobann agus dhearbhuigh ná raghadh sé stróc eile!: órdlach chun cinn. "Lean me" – "ní leanfainn stróc!": ní chorróchainn mo chos chun dul id theannta. Maoidheann sé go bhfuil sé ina fhear chómh maith leat gach aon stróc: gach pioc. Tá sé gach aon stróc de dhathad míle as so: gach órdlach.

stródhaire: *f.4.* ródaidhe, fánaidhe, rábaire, rolapaoiseach, reacaire. Ní tháinig an stródhaire sin chun aon tighe lé seachtmhain, is cuma leis mar gheall ar thigh ná ar threabh: fánaidhe: duine silteach. Cá bhfuil t'aghaidh-se anois, a stródhaire: duine díomhaoin ná déineann ach ródaidheacht. Aon stródhaire a bhuailfeadh leis, shuidhfeadh sé síos ag comhchainnt leis: duine neamh-aistearach. Chaithfeadh an stródhaire sin bannc is é do bheith aige: duine ró-rabairneach. Níor luigh sé a shúil riamh ar an stródhaire ach an oiread le fear an ghustail: an té a bheadh ag siubhal roimis ag lorg a choda. Gach aon stródhaire tábhairne agaibh nuair bhíonn an deoch sa cheann agaibh dhéanfadh sibh na huirc is na hairc: lucht maoidhte. Chaithfinn mo shaoghal ag éisteacht leis an stródhaire úd, baineann sé gáiridhe asam: scraiste suilt is grinn.

stródhaireacht: *b.3.* rabairne, caitheamh, scaoilteacht, fastaomacht, fánaidheacht, stráilleacht. Cá ngeobhair ag stródhaireacht anois?: ag stráilleacht: ag siubhal go neamh-aistearach. Cuir uait an stródhaireacht, má tá fút teacht nó fanacht abair é is ná bí ag cur na ndaoine amudha: fastaoim. Á! budh mhór an stródhaireacht airgid do an leath-choróin féin do chaitheamh: rabairne: sconnabheartaigheacht. Dar lé cuid mhór gur amadán é, ach deirim-se leat ná fuil puinn stródhaireachta ag baint leis, gur beag atá ar sileadh leis: caithteachas. Éist anois, adeirim, táir ag dul ró-fhada, táir imthighthe chun stródhaireachta ar fad: chun aitis.

stródhamhail: *a.* rabairneach, caithteach, mustarach, lánmhar, seiléigeach, silteach. Ní bheadh a fhios agat cathain a fhillfeadh sé, anois nó as so go dtí ambáireach, tá sé chómh stródhamhail sin: silteach ar an slighe, choingbheóchadh súgán sneachtaidh moill air. Daoine stródhamhla na tuinncéiridhe sin, is iomdha áit go mbíonn a gcuaird: dream a bhíos ag imtheacht lé fán. B'fhearr dhuit ná feicfeá riamh aon tigh tábhairne ná grian os a chionn, bír ró-stródhamhail ionta: caithteach, silteach. Ó bhuaidh sé an t-airgead san ar fad tá sé ró-stródhamhail ann féin chun labhartha lé héinne atá dealbh: ró-mhór ann féin. Is stródhamhla é de bharr a scríobhtar air ná an strácáil a néann sé féin: is mustaraighe. Is eól do go bhfuil sé cliste is tá sé stródhamhail as: tóirtéiseach, mustarach. An mac stródhamhail is minic ná marbhuightear an laogh dho: sonntach, aimhleasach, caithteach.

stroghadghail: *b.3.* stríocáil. Táim dealbh riamh agus mórán is mórchuid ag glaodhach thall 'sabhfus orm a fhágas me choidhche ag stroghadghail leis an saoghal: d'iarraidh ceann cuinge do chongbháil agus é air agam.

stróic: *b.2.* stracadh, giobal, luid, giota, géire. Déanfar stróiceacha dhíot ar an strán atá chughat mar gheall ar a bhfuil déanta as an slighe agat: giotaidhe beaga. Tháinig an madra mór stran-fhiaclach agus rinne sé stróiceacha den éadach: géiridheacha: strac sé as a chéile ina ghiobalaibh é. Táim im stróiceachaibh agaibh, ná leigfeadh sibh dom: tairngthe as a chéile. Beidh an Eóraip ina stróiceachaibh ag an gcogadh so sara stadaidh sé: stracaithe stollta as a chéile.

stróicim: *b.a.* stracaim, réabaim, smísteálaim, tuargnaim. Stróicfinn id chodaibh beaga thu níos túisce 'ná leigfinn duit an stródhaire sin do phósadh: stracfainn ó chéile thu. Níor fhág an gála luid anairte nár stróic sé: réab ina ghéiridheachaibh. Leis an olc atá air chughat má gheibheann sé greim ort stróicfidh sé sreanganna do bheatha: stracfaidh sé gach snáithín id chorp. Stróic an t-iarann níos láidre 'ná san: buail é. Stróiceadar an bóthar amach agus fuadar fútha: d'imthigheadar agus siubhal nimhe fútha. Ná stróic anuas an lampa san, seachain é: ná strac.

stróicthe: *a.r.* réabtha, stracaithe, buailte. Táim stróicthe as a chéile ag an saoghal d'iarraidh maireachtana, agus é ró-mhaith dhom: traochta. Ní leigfeadh náire dhom dul in aon áit ameasc daoine leis an éadach stróicthe seo, níl pioc díom lé chéile: stracaithe.

stroighp: *b.2.* neamh-ghastacht, leibideacht, manaois. Éinne a thuigeas go haon stroighp air siúd is gur féidir bob do bhualadh air ná go ndéanfadh sé a bhotún, tá dearmhad mór air: ceal cruinnis: manaois.

stroighpeamhail: *a.* manaoiseach, faillightheach. Níl mórán slighe maoidhte ag eisean ar dhaoinibh ná díolann a bhfiacha go tráthamhail, tá sé féin stroighpeamhail a dhóthain: mall, faillightheach. Ná bí-se ag gearán ar ragairne dhaoine eile, táir féin chómh stroighpeamhail le duine: chómh tugtha dhi. Pé rud a dhéanfair nó ná déanfair ná bí stroighpeamhail: faillightheach id ghnóth ná chómh manaoiseach id dhualgas is go dtuillfeá mí-mheas.

stróile: *f.4.* stráille, fánaidhe, ragarnálaidhe. Ní fios cá stadann an stróile sin nuair chuireann sé chun bóthair: ródaidhe ná cuireann achar ná aimsir aon mhairg air. I gcathair mhóir buailfidh stróile éigin i gcómhnaidhe lé duine a luighfidh chun cuideachtan leis: duine ná bíonn faic eile lé déanamh aige, nó má bhíonn, gur cuma leis. Seo chughainn stróile éigin: duine atá ag siubhal roimis. Bhuail an stróile chugham isteach i lár na hoidhche: duine ar thráth ná beadh súil agat leis. An raibh a lán stróilidhe síos ar an dtráigh indiu?: daoine a bheadh ann lé caitheamh aimsire. Is iomdha san stróile a bhuail liom ar mo shiubhaltaibh i mbaile agus i gcéin: fánaidhe. Ná bí ag imtheacht id stróile, déin rud éigin duit: ag gluaiseacht gan aidhm gan chúram. Stróilidhe bodach iad san i ngluaisteánaibh dóibh féin i rith an tsamhraidh: dream gustalach ná fuil faic ag déanamh

mearbhaill dóibh. É in am ag stróilidhibh bheith ag baint an tighe amach: stráillidhe: daoine ná bíonn aon chúram ortha ach ag tónghail tímcheall.

stroiliús: *f.1.* manaois, neamhthuis, muinghin. An stroiliús a dhein do é, dar leis ná féadfadh aon rud tárlachaint do lé n-a fheabhas: an ró-mhuinghin as féin. Fágann sé scataidhe rud nár cheart do ar an gconntabhairt le stroiliús, agus iad fé bhrághaid éinne a chuirfeadh a shúil ionta: neamhshuim: manaois. Lé stroiliús ceart atáimid ag leigeant na Gaedhealainge uainn, mar budh bheag an iarracht uainn do choingbheóchadh í: ceal dúthrachta.

stroiliúsach: *a.* manaoiseach, neamhshuimeamhail, neamhthuiseach. Ar an obair seo ag cur focal lé chéile ina gceart ní dhéanfadh sé an bheart choidhche do bheith stroiliúsach ina dtaobh: manaoiseach, neamh-aireach. Go maith ar fad chun a chuid gnótha, is deacair a shárughadh ach an-stroiliúsach uaireanta, agus déineann dearmhaid: gan bheith síor-aireach. Chaithfeadh sí furmhór a saoghail ag sráideóireacht 'sag siopadóireacht, cailín ró-stroiliúsach d'fhear chómh mór-ghnóthach leat-sa: faillightheach, neamhshuimeamhail id chúrsaidhibh. D'imthigh sé uaim go stroiliúsach, dá dtugainn aon tsaghas aire dho bheadh sé agam fós: go neamhthuiseach: neamhshuimeamhail.

stróinséis: *b.2.* tóirtéis, lán, leacsteámar (lag-stámar). Is minic do chonnac beart níos fearr 'ná í ní gábhadh an stróinséis go léir asat féin is as a feabhas: an lán: an tóirtéis. Toisc beagáin gustail do bheith ag an rud éagconnta ní aithneochadh sé thu lé stróinséis as a thábhacht: lán, tóirtéis. An méid atá ráidhte anois leis bainfidh sé cuid den stróinséis as, ní bheidh an oiread measa aige air féin: lán: an tuairm áidhbhéiseach atá aige as féin. Leis an stróinséis ar fad lé gach íochtarán dá raibh fé bhrathadar ina fhiadhnaise mar salachar a bhróg: an t-iomchar mór-chúiseach as féin, beag-mheastamhail ar gach éinne eile. Ná cuir aon nath san méid sin, níl ach stróinséis annsan aige: is amhlaidh a leigeann sé air bheith mórchúiseach fé láthair.

stróinéiseach: *a.* sotalach, mór-chúiseach, lánmhar. Dar leis go bhfuil gníomh iongtach déanta aige, agus tá sé stróinéiseach ina thaobh, ní mór gur feas do gur ar a chosaibh atá sé ag siubhal: lán tar fóir aige as féin. Ní maith liom agus ní taithneamh liom é, aige féin is aige féin amháin a bhíos an chóir is an ceart do shíor is de ghnáth, ró-stróinéiseach dom-sa an preabaire sin: mursanta, tighearnamhail. "Déin é seo", "déin é siúd dom", ná bí stróinéiseach mar sin, ní taithneamhach é: saoisteamhail, mursanta: gall-smachtamhail.

stróinse: *f.4.* fánaidhe, stráille, deóraidhe, fuairthé. An stróinse sin, oiread agus lá oibre ní bhfaigheadh sé agus dá bhfaigheadh féin ní bheadh aon fhonn air é do dhéanamh: leadaidhe díomhaoin. Ná tuig gur b'aon stróinse é siúd i mbun a ghnótha, ach duine cúramach, aireach: fuairthé: duine neamhspéiseamhail. Is cuma cad é an saghas stróinse a bhuailfeadh an tslighe do bheadh fáilte is flúirse do sa tigh chéadna: deóraidhe. Níl aon stróinse a gheóbhadh an bóthar go mbeadh a bhac air é do bhualadh chuige, ná fág do chuid ar bóiléagar mar sin: stráille: fánaidhe róid. Is tú an stróinse caile ná féadfadh slacht ná crích do chur ar aonnidh: toice neamhghastamhail. Níl aon ghnóth de stróinse agam, duine go bhfuil fonn is déanamh ann atá uaim: fuairthé: duine neamhchúramach, neamhaireach.

stróinséar: *f.1.* iasachtaidhe, duine deóranta, coigcríoch, coimhtheach. Ní haon stróinséar annso thu, suidh aníos: coigcríoch: duine gan aitheantas in ár measc. An stróinséar san áit seo thu? ní fheacamair cheana thu: duine deóranta. Stróinséar éin san áit é sin, ní aithnigheann éinne é: ceann iasachta, deóranta: ní héan dúthchais é annso. Tiocfaidh mórán stróinséiridhe 'on tsochraid sin: duine tamall ó bhaile nó nách aithnid do dhuine. Fear maith seadh é chun maitheasa do dhéanamh, is cuma leis stróinséar nó duine leis féin: duine ná beadh aithne aige air, coidreamh, nó nách cómharsa dho. Stróinséar ar an obair seo me, nílim ró-fhonnmhar chúiche, riamh roimhe sin ní dheárnas í: duine gan taithighe. Is eagal liom go mbead im stróinséar san áit: gan aithne ná eólas agam ar éinne ná ar aon rud. Dé bheatha-sa, a stróinséir: duine ná feacamair lé fada. Ná faighead-sa faic? an ag déanamh stróinséara dhíom ataoi?: ghom chur gan faic.

stróinséartha: *a. n-dh.* iasachta, coigcríoch, deóranta, coimhtheach, tamáilte, nuadh ar rud. Tagann an ball so an-stróinséartha orm, ní raibh aon taithighe riamh agam ar a leithéid: ait: taidhbhsigheann sé iasachta dhom. Buachaill stróinséartha é seo, atá i bhfad ó n-a bhaile is ó n-a threibh: iasachta: gan aithne ná eólas annso. Éan stróinséartha an chuach sa tír seo: ní hannso is mó bhíonn longughadh uirthi. Ní maith leis bheith ameasc daoine stróinséartha: gan aithne ná coidreamh aige ortha. Na bí chómh stróinséartha, suidh eadrainn is bí ag cainnt: deóranta, tamáilte. Obair stróinséartha í seo, aon eólas níl agam uirthi: nuadh nár thaithigheas. Brathaim stróinséartha fós ar an ngnóth is ar an áit: as mo scríb: gach rud ait, nuadh dom. Ar an gcúrsa do thug sí uirthi féin long stróinséartha san áit a bhí innte: deóranta: gan eólas ceart na slighe aice.

stróinséarthacht: *b.3.* deórantacht, aiteas, coimhtheacht, támáilteacht, nuaidheacht. Ná bíodh aon stróinséarthacht ort rómham, a bhuachaillín: támáilteacht: scáinteacht. Ní mór na cunntaisidhe do bhaineamair dá chéile fós, tá stróinséarthacht orainn lé chéile: deórantacht trí cheal coidrimh. Stróinséarthacht na háite is mó atá ag teacht liom fós: ceal taithighe is coidrimh air, ar na daoinibh is a slighthibh. Bí ag cainnt is imtheóchaidh an stróinséarthacht díot: deórantacht: támáilteacht trí cheal taithighe.

stronncughadh: *f.* (*-uighthe*) crapadh, teannadh, calcaitheacht. Sé rud atá ag teacht leat-sa, a stróinse, go bhfuil do chnámha ag stronncughadh lé díomhaointeas: ag crapadh: an líomhthacht 'san éascaidheacht ag imtheacht asta lé díomhaointeas. Gach alt im chorp ag stronncughadh lé dathachaibh, ná fuil ionam rian ná siubhal: ag teannadh is ag crapadh. Tháinig stronncughadh ionam ó bheith suidhte ar an dtochta fuar i rith na hoidhche: dútaidhe ná féadfainn corruighe. Stronncughadh go dtagaidh ionat!: crapadh.

stronncuighim: *b.a. 7 n-a.* crapaim, teannaim. Rug an oiread san fuachta agus iomaird orm an oidhche dhiamhair úd gur stronncuigheas is gur caitheadh me do chur ar leabaidh: chrap mo ghéaga, m'ailt is m'fhéitheanna. Bíonn an iomad suidhte agat ag scríobh stronncóchair is déanfaidh donán ar do chosaibh díot: crapfair ar a chéile. Stronncóchaidh a dhrom san fós nuair thiocfaidh an t-aos do: cruadhfaidh is teannfaidh. Ar dtúis bhí sé an-lághach ach a luaithe is connacthas do gur rud éigin do theastuigh uaidh do stronncuigh sé ar an thap: chruadhaidh: dhoirchigh.

stronncuighthe: *a.r.* crapaithe, teannuighthe, cruaidhte, balcaithe, dorrdhaithe. Mo chnámha is m'fhéithleóga stronncuighthe ag an aois: casta, crapaithe ar a chéile. Cé ná beadh stronncuighthe a bheadh ina shuidhe mar seo an uile lá ar feadh na dtráth ag síor-scríobh: crapaithe, stangtha. Beag mairg a chuirfidh san air siúd, tá muineál maith stronncuighthe aige: teann: duine neamh-náireach. Ní ghéillfeadh sí in ao'chor do nósaibh ban na haimsire seo, tá aigne stronncuighthe aice: cumhang.

stropa: *f.4.* stráice caol fada d'adhbhar lúbthach mar leathar; córda nó eile chun rud do cheangal dá chéile. Stropa na rasúra: blúire caol tanaidhe fada leathair chun faobhair do chur uirthi. Stropaidhe lín: córdaidhe ceangailte ar a bhonn chun cloch do chur ortha d'fhonn é do choimeád súngcálta. Is maith do theastóchaidh an stropa do thabhairt do: smacht do chur air. Beidh stropa breágh éisc agat, tá ionbhaidh ann: oiread agus cuirfí ar chórda nó ar théadán lé n-iomchar. Ní maith iad prátaidhe nuair thagann stropaidhe ortha: aithphréacha agus críocháin ortha. Stropa na hamaidhe: an blúire (géire) caol leathair a cheanglas anáirde iad. Deirtear go bhfuil stropa iongtach aige: mangarlaidhe toirteamhla. Stropa thiar im bhróig chun a tairng suas orm: greim.

stropach: *a.* silteach, fiadhain, láidir, gaothmhar, garbh, lasánta. Prátaidhe stropacha: go mbíonn préachacha fada is ath-phrátaidhe beaga ortha. Aimsir stropach ón bhfarraige, ná bíodh ach fo-bhád ag dul ag iascach lé gairbheacht na farraige: fiadhain, garbh. Má tá sí stropach féin is mór an nidh gan í bheith fliuch: garbh, láidir. B'fhuraiste obair do dhéanamh mara mbeadh go mbíonn sé stropach tráthanna, agus annsan níor leóimhte dhuit bheith in aon ghiorracht do: lasánta, so-thógtha: claon lé feirg is taod. Ná bí stropach lé héinne, ní faic buaidhte agat é, bí mín, lághach, goirgeach: claon lé taod is droichbhéal do thabhairt.

stropacht: *b.3.* gairbhe, fiadhantas, goirgeacht. Do shrón ní fhéadfá do chur thar doras lé stropacht an lae, rudaidhe dhá fhuadach ar fuaid na sráideann: fiadhantas. Ní fhanfadh aon bhád beag ar an uisce lé stropacht an lae: gairbhe ar muir. Budh mhór an truagh an stropacht a bheith ann is maith an croidhe atá aige: taodacht: claoine lé néallacha obanna feirge do theacht air.

stropán: *f.1.* (**stropadán**) stropa beag; crochadán. Stropán éisc: beairtín. Cuir isteach ar stropán chughat féin iad is ná leigfidís ar shreing nó ar chórda. Stropán air go mbéarfá air: rud, córda nó eile ar sileadh.

strucáil: *b.3.* do dhéanamh margáin, cóirighthe, socruighthe, conbharsáide, criathairt, uisce fé thalamh. Le linn na strucála i Lonndain idir Shasana agus sinn féin budh mhór é imshníomh na ndaoine: dáil agus cur is cúiteamh chun teacht ar shocrughadh. Ná bí ag strucáil leis mar gheall ar réal, caith chun an rud sprionnlaithe í: d'iarraidh margaidh do réidhteach. Nuair bhíos im phríosúnach bhí sé de scamall orm go raibh mórán im fhochair a cheap go mbíodh strucáil dhá dhéanamh leis an namhaid agam: uisce fé thalamh. Thar éis na strucála go léir ar an gcúrsa, agus bhíodar seal maith ag gabháil do, níor éirigh leó é do réidhteach: criathairt mhór do deineadh air. Ag strucáil a thug sé a shaoghal i siopa beag is dhein sé airgead air: ag gáineáil.

strucálaidhe: *f.4.* gáineálaidhe, eadránaidhe, scrúduightheóir, beartuightheóir. Léan air mar bhaile, ní ceannaidhthe atá ann ach strucálaidhthe suaracha: dream a néas a dtrácht ar mion-earraidhibh. Chaith na strucálaidhthe mór-aimsir d'iarraidh na gcúrsaidhe tábhachtacha do shocrughadh: scrúduightheóiridhe. Strucálaidhe ná beadh aon mhór-mhuinghin agam as é, d'fheallfadh sé: beartuightheóir cam.

struic: *b.2.* cír, spuaic, stuaic. I struic an chnuic: ina fhíor-bharra. Carraig go bhfuil struic uirthi is go mbíonn neadacha anáirde innte: cír: barra géara. Áit chonntabharthach do bhád bheith ameasc na struiceach: carraigeacha árda, géara. Bóthar lán de struiceachaibh níor mhór iad do bhaint chun gan aon achrann do bheith ann: stacáin ghéara chloch. An chircín struice: fuiseóg go mbíonn loca nó dual clúimh ar a ceann.

struiceach: *a.* cíorach, spuaiceach, dualach, stuaiceach, géar. Circín struiceach: go mbíonn dual nó cnapán anáirde ina mhullach. Carraig struiceach seadh Carraig Stuaicín .i. tá mar bheadh hata uirthi. Cnoc struiceach: a bhíos ag teacht chun barra géir. Bí breágh, bog, a dhuine, ná bí chómh struiceach san: chómh goirgeach: néallach. Bíonn an coileach struiceach: cír ar mhullach a chinn.

struicín: (**straicín**) *f.4.* cír, mab, scothóg, dual, barr cruinn géar. Árus na bhfeighlidhthe mara ina struicín i mbarr an dúna: ina cnapóig aoird. Tógadh struicín fód i bhfíor-íodh an chnuic: tógáil mar bheadh púicín: déanamh cruiceóige air. Budh dheise do bheadh do bhairéad dá mbeadh struicín air is gan é do bheith maol: cnapóg. Dá mbeadh struicín i gcómhrac na gcladhthach ní bheadh sé chómh saoráideach ag na hainmhidhthibh dul i bhfoghail: tógáil fhód nó chloch. Níor stadas de strapadóireacht go ndeaghas go struicín na carraige: barra géar.

struilleadh: *f.* (*-lte*) sleamhnughadh, sciorradh cos, dul ar gcúl, cailleamhaint greama. Tá mo chosa ag struilleadh fúm: ag cailleamhaint a ngreama is ag sleamhnughadh. Árduigh an t-ualach ar do dhrom, tá sé ag struilleadh dhíot: ag sleamhnughadh anuas. Is baoghalach liom go bhfuilir ag struilleadh chun deiridh orm: ag cnúbháil: ag tuiteam siar. Ná bain na clocha san aon struilleadh asat: ná sleamhnuigh ortha. De dheascaibh struillte do goirtigheadh é: sleamhnughadh is tuiteam.

struilleóg: *b.3.* sleamhnughadh nó sciorradh mar tharlóchadh ar lic oidhir; cur siar; bean neamhghasta, neamh-sciamhach. Is iongtach an meas atá agat-sa ort féin dar leat ná bainfí aon struilleóg choidhche asat féin: ná himtheóchadh aon bhotún ná mísheól. Bodóg struilleóige ná fuil eólas uirthi faic do dhéanamh ná aon chlódh do chur ar a pearsain: leath-óinseach leibideach.

struillim: *b.a. 7 n-a.* sleamhnuighim, sciorraim, baintear an bonn uaim. Ná struill fén ualach nó má struillir leagfar agus brisfear do chnámha: ná caill do bhuinn. É chómh deimhnightheach, dearbhtha san de féin anois gur dóigh leis ná struillfeadh sé choidhche: ná déanfadh a bhotún. Rud ró-shleamhain seadh é, struilleann sé dhíom: cailleann sé a ghreim is imthigheann lé fánaidhe. Struillfead isteach leath-uairín annso, fan liom, ní bheidh moill nóiminte orm: tabharfad gearr-chuaird ann. Struill bun an dréimire is tógadh liom anuas ar an dtalamh cruaidh: d'imthigh as a ionad. Struill an iall as mo láimh is

d'imthigh an chú: d'éaluigh sí: d'imthigh as mo ghreim. Aon fhocal ná struilleadh uait ina thaobh súd, congaibh ina rún é: ná scéidheadh uait. Ní fheadar cé uaidh den seisear aca gur struill an rún: gur shleamhnuigh: go dtáinig uaidh gan a thoil: gur rith sé air. Struill sé an t-airgead im phóca i nganfhios do neach: d'éaluigh ann é.

struilleamhaint: *b.3.* sleamhnughadh, sciorradh, éalughadh. Dá luighead Gaedhealainge a bhí agam tá sí ag struilleamhaint uaim ar dalladh, cheal taithighthe: ag imtheacht uaim i nganfhios dom. Baineadh struilleamhaint asam sa tsioc agus fuaireas leagadh gráineamhail: tuisle: d'imthigh greim mo chos den dtalamh. Ar mh'anam go bhfuil an bhliadhain ag struilleamhaint thart is gan puinn déanta agam: ag éalódh léi ar nós an bhitheamhnaigh. Éireóchaidh leat go maith sa tsaoghal ach gan struilleamhaint: gan aon rud d'imtheacht ort budh bhotún duit. Nuair fuair sí an doircheacht chrom sí ar struilleamhaint léi amach as an gcuan: ar éalódh i nganfhios. Gach aon áit go mbinn d'iarraidh greim mo chos d'fhagháil, bhrathainn ag struilleamhaint iad: ag imtheacht as an ionad san. Rugadh air sa doras is é ag struilleamhaint amach leis an sluid: ag caolughadh leis chun éaluighthe. Nách dóigh leat ná go bhfuil an falla san ag struilleamhaint as a bhun, nách sin iogán air: ag scéidheachtaint.

strupais: *b.2.* liobar, aon rud liobarnach nó silteach. Árus an ghamhna ina strupais leis an mbuin: ina rud liobarnach. Do chasóg is a bhfuil de strupaisidhibh léi: giobail ar sileadh léi. An strupais báid sin ní chuirfinn mo chos innte, feall ar iontaoibh seadh í: leighcide.

strus: *f.1.* ₇ *3.* cruadhtan, iomard, duadh-, maoin, gustal, bun. Dá mbeireadh aon strus air níl an neart ann chun a fhuilngthe: cruadhtan. Strus uathbhásach rámhaidheachta i gcoinnibh gaoithe, stathfadh sí na géaga as dhuine: cruadhtan. Budh mhór an strus a bhí ar fhearaibh bochta ag troid amuigh san bhfásaigh sa teas áidhbhéil i dtuargaint coighcís: sníomh ar a neart is fulang. Ná cuir aon strus ar an alt san nó raghaidh sé as ionad arís: ná luigh air. In aimsir strosa mar aimsir chogaidh caithfeam bheith cnuaisciúnach agus déanamh gan mórán rud a oirfeadh dúinn: broid. Ná bíodh aon eagla ort go gcuirfidh sé aon strus air féin: duadh: saothar oibre. Cabharfad leat, tógfad cuid den strus díot: duadh. Strus mór ualach do thabhairt i gcoinnibh an airgid ghéir sin: duadh tairnge. Tá breóidhteacht agus strus orm: duadh fuilng. Níl aon strus sa tsaoghal air, ní raibh riamh aige ach an dealbhas: a luighead gustail ní raibh aige: airgead ná geall lé hairgead. Dá mbeadh sé de strus an tsaoghail orm ní bheifeá dá cheal is é agam: aon bheagán maoine. Lucht struis iad san agus a rian ortha, is aca atá an leathantas is na tighthe: lucht cumais. Chuir sé strus an bháis orm d'iarraidh mo ghreama do choimeád: duadh uathbhásach. Ní mór an strus a bheireann ort go mbeifeá ag gearán: duadh: saothar.

stuacach: *a.* láidir, gaothmhar, claon lé taod, gruamdha, stailceamhail, adharcach, beannach. Lá stuacach ar fharraige chun bádóireachta atá ann: gaothmhar, garbh. Oileán ró-stuacach é chun an gheimhridh do chaitheamh ann: fiadhain, scéirdeamhail. Cuireann an iomad taoididhe ann bíonn ban mhuir an-stuacach ann: garbh, suaidhte. Ceann mór stuacach ar an leómhan: mothal mór clúimh air. Bearraidh an plaosc stuacach: trom-ghruaigeach. Níor mhaith dhuit puinn teangmhála do bheith agat leis, duine stuacach atá ann is lasann ar a luighead cúise: néallach: taodach. Ná bí stuacach anois, scaoil amach an deoch chughainn, díolfam lá éigin thu: gruamdha, goirgeach, neamh-éascaidh. Bíonn sé

stuacach lé n-a mhnaoi má iarrann sí airgead póca air: stailceamhail, mío-shástacht, goirgeach. Adharca stuacacha atá ar an mbuin: a mbarra casta anáirde. Deir seisean gur maol-chnoc é, deirimse go bhfuil sé stuacach: beannach. B'fhearr liom gan aon bhaint do bheith agam leis, ní bhfaghaim gol ná gáire as, tá sé ró-stuacach don mheón atá agam-sa: duairc, dorrdha.

stuacaidheacht: *b.3.* gaothmhaire, gairbheacht, gruamdhacht, duairceacht. Raghaidh an lá chun stuacaidheachta, féach na síogaidhe sin sa spéir: chun gaothmhaire. Toisc stuacaidheacht na haimsire níl puinn fáis innte: gairbheacht: gaoth is duibheaca ann. Cuir uait an stuacaidheacht anois, bí lághach, agus imir do chártaidhe: goirgeacht: claoine ciotarúntaidheacht. Ní deacair é do chur chun stuacaidheachta: smailc do chur air. Dá mbeimís istigh ó shoin aige ní labharfadh sé focal linn ach é ag léigheamh is a dhrom linn lé barr stuacaidheachta: bodamhlacht, tuathalacht is doichilleacht meóin. Is aige atá an croidhe gan stuacaidheacht: fial, fairsing.

stuacaire: *f.4.* duine mustarach, piardálaidhe. Níl aon ghnóth d'aon stuacaire tímcheall an tighe seo, théigheadh sé ag boladhghail in áit éigin eile: duine bheadh ag srónghail tímcheall ar lorg cunntaisidhe is eólais. Tá an oiread láin fén stuacaire sin gur dóigh leis go bhfuil sciatháin air: duine go mbíonn meas mór fé.

stuacaireacht: *b.3.* stráillidheacht, stródhaireacht. Cad bhíonn ag stuacaireacht annso uaidh? ní maith liom na feádhanna atá fé: ag feirghis is ag snamhaireacht. Sin mar chaitheann san a shaoghal ag stuacaireacht ó bhaile go baile: ag gabháil tímcheall gan ghnóth gan chúram.

stuacán: *f.1.* cúil árd, carraig árd, mullach, leibideach duine, saghas sleamhacáin. Cad dob áil leat id sheasamh id stuacán annsan, ná raghfá isteach: mar bheadh staic árd. Stuacán carraige seadh an Tiaracht: oileán árd, beannach. Stuacán bocht é sin a dhéanfadh aonnidh a cómhairleófaí dho: duine amadántamhail. Stuacáin mhóra mhóna: cruacha cruinne árda. Fásann an stuacán ar iascáin: an saghas san sleamhacáin.

stuacánaidhe: *f.4.* duine tógálach, goirgeach. Chuirfeadh an stuacánaidhe sin amach sinn ar a luighead cúise a gheóbhadh sé orainn: duine gur furaiste a shrón do chasadh. Nách furaiste olc do chur ar an stuacánaidhe, ná fuil aon ghreann ann?: smalcaire.

stuacuighthe: *a.r.* árduighthe, bolgtha; curtha os cionn a chéile. Ní fada ná go mbeidh an féar stuacuighthe ges na feirmeóiridhibh: cocaidhe déanta dhe. An fharraige stuacuighthe a thagann adtuaidh ar an áit fiadhain sin, budh dhóigh leat go dtiocfadh go féar glas: árd, cnocach.

stuagh: *f.1.* aon rud cuartha, súil droichid, beann, bogha. Stuagh an droichid. Stuagh ceatha: bogha báistighe. Chuaidh sé anáirde ar fad go stuagh na carraige: fíor-bharra. Cuirfead stuagh id mhuineál mara gceapair do shuaimhneas: cor: casadh. Raghadh seisean go stuagh an tighe dhuit, tá sé chómh haicillidhe, ceólmhar: buaic.

stuaic: *b.2.* beann, spuaic, sprochaid, éirghe, ceann, mullach, fiaradh, claonadh; clódh goirgeach. I stuaic an chnuic anáirde is gnáthach leis na caoiribh is fiadhaine do bheith: ina mhullach. Carraig stuaic siar uirthe: sprochaid: éirghe amach. Stuaic ar an gcarraig gur dhóigh leat gur simné é: sprochaid árd. Rugadar ar stuaic (cinn) ar a chéile agus chromadar ar stathadh: ar ghruaig mullaigh. Bearraidh an stuaic nó ní fada ná go ndallfaidh sí thu: folt trom, fada, muirearach. Ná bíodh aon stuaic ort, dírigh thu féin: leathcheann. Chuir rud éigin stuaic air, níl focal as lé héinne indiu: míoshásamh. Níl aon deagh-stuaic air toisc é do bheith gan tobac: tá mío-ghnaoi air. Oidhche í seo go bhfuil droch-stuaic uirthi, déanfaidh sí brus fé mhaidean: an-dhroch-chuma. Go n-imtheóchaidh an stuaic díot ní bhfaghair dada mar ná fuil aon chúis ghearáin agat: smailc, mío-ghnaoi. Peadar na stuaice: go bhfolt fada, neamhghasta. Sheasóchadh sé ar stuaic an tsáipéil duit: spuaic.

stuaicín: *b.2.* mullach nó barr cnuic, carraige, etc.; móin go mbíonn fiorthan, etc., ag fás uirthi. Stuaicín agus móin dhubh. Carraig stuaicín: go bhfuil sprochaid anáirde aiste mar bheadh bairéad ar cheann dhuine. Ní mór an ghruaig atá air anois, níl ach stuaicín: loca beag.

stuaicle: *f.4.* beann, mullach, barr géar. Stuaicle diabhail ná féadfadh an gabhar féin strapadóireacht anáirde air: beann ghéar. Éirigheann an Tiaracht aníos as an bhfarraige ina stuaicle: barr caol, cruinn uirthi.

stuaim: *b.2.* intleacht, meabhraidheacht, crínneacht, gliocas, gaois, arrachtas. Rinne sé as a stuaim féin é: as a intleacht féin: gan chabhair ó neach. Is fada ón stuaim an stocaireacht: is fada ó ghaois do dhuine bheith ag maoidheamh as féin. Siúd é an fear nách fada ón staic an stuaim aige: go bhfuil meabhraidheacht ann chun teacht as chruadhtan: nách fada an mhoill air cuimhneamh ar sheift. A bhean, atá lán de stuaim seachnaim me féin ort: gliocas: slighthe chun mo mheallta. Bíodh stuaim leat is ná téighir ar aon scór lé bleaigeárd: smacht agat ort féin agus fuaimeant leat. Dá mbeadh sé de stuaim ionam gan aon fhocal do rádh agus a leigeant orm ná raibh aon eólas agam ar an nidh a theastuigh uaidh ní thiocfadh aon amhras choidhche aige orm: crínneacht, gliocas. Dheineas-sa go sonaoideach an rud a chuaidh ded dhícheall-sa, féach gur fearr stuaim 'ná neart: gaois: meabhraidheacht chinn. Ar thugais fé ndeara mar labhair sé leis an oiread san stuama i bhfreagra ar an dtarcuisne do tugadh do: meanma. Bhuail sé an t-úrlár suas lé stuaim: módhmhaireacht is iomchar.

stuaire: *b.4.* bean scrothamhail, sciamhach. Cé hí an stuaire?: an bhean thaithneamhach. Mo stuaire chiúin chailce: bean thaithneamhach, dheaghchlóidh.

stuaithinseach: *a.* láidir, teann, neartmhar. Labhair go stuaithinseach leis, ná tagadh aon chrith ort roimis: teann. Thug sé cainnt stuaithinseach uaidh ar imtheachtaibh an riaghaltais i rith na broide seo, mhínigh go mion agus go soiléir a raibh dhá dhéanamh aige: foirtil, bríoghmhar.

stuaithinseacht: *b.3.* neart, teinne, bríoghmhaire. Siúd é an cainnteóir go raibh an stuaithinseacht ina ghlór: an chiall agus an fhuaimeant. An stuaithinseacht ar fad atá ag baint léi gur deacair eólas cúraim a saoiste d'fhagháil uaithi: daingneacht.

stualáil: *b.3.* cruachadh. Ag stualáil mhóna: ag déanamh cnochairidhe móra dhi. Na fir ag stualáil earraidhe ar a chéile sa stór: ghá gcur anuas ar a chéile.

stualainne: *f.4.* cnochaire nó cúil mhór mhóna. Ag déanamh stualainne den mhóin. Coca féir ná raibh thar thoirt stualainne maith ann: ceann beag.

stualaire: aoidhe seiléigeach, tuirseóir. D'fhanadh an stualaire sin annso go maidean gheal, budh dhóigh lé duine ná raibh aon áit chun suip aige féin: duine a chaitheas eaga na fáilte: duine liosta a thuirseóchadh thu de cheal suime do chur ina chómhrádh.

stualaireacht: *b.3.* fanacht ró-fhada ar eaga na fáilte. Is mithid do lucht stualaireachta bheith ag dul chun a dtighe féin, tá an oidhche thar druim: dream liosta seiléigeach cuairde, scoraidheachta.

stualálta: *a.r.* cnocharuighthe, curtha i stualainidhe. An mhóin stualálta: curtha i gcnocánaibh ná bíonn chómh mór lé cruachaibh.

stualán: *f.1.* duine saonta, soi-mheallta. Ní stadfaidís choidhche de bheith ag lorg ort dá bhfaighidís faid gheóbhaidís it stualán amadáin thu: stúmpa amadáin. Ghéillfeadh an stualán san do dhreóilín na dtor: duine a chlaonfadh a chluas lé haon scéal.

stualuighim: (**stualálaim**) *b.a.* cuirim i gcnocánaibh feistighthe. Stualuigh (-láil) na cnochairidhe móna san: déin ceap díobh go mbeadh toirt beag-chruaiche ionta. Stualálas an t-adhmad raice anuas ar a chéile: bhailigheas ar a chéile ina chnocán mhór.

stuamach: *a.* críonna, glic, meabhrach, meanmnach, intleamhail, modhamhail, mánla. Bí stuamach leó, ná déin aon rud a bhéarfadh mí-mheas aca ort: meanmnach, deagh-mhúinte. Budh stuamaighe uaidh gan focal ar bith do labhairt ó bhí sé cionntach, toisc ná raibh aon rud a déarfadh i mbun maoluighthe dho: budh chéillidhe. Cuireann a bhearta in iúil go soiléir go bhfuil intinn stuamach aige, ní túisce rud teipithe air 'ná é sáidhte chun ruda eile: go bhfuil meabhraidheacht ina cheann. Is beag seanduine ar m'eólas chómh stuamach leis ar sheanchas an cheanntair: chómh heólgaiseach. Cailín ciúin, stuamach í sin ná féadfaidh éinne bréag ná scéal do chur ina leith: céillidhe, meastamhail, fuimeantamhail.

stuanughadh: *f.* (*-uighthe*) ciúnughadh, socrughadh, sos, cosc, stad, toirmeasc. Fanaidh istigh ón sín, níl aon stuanughadh ag dul fós air: lagughadh. Go gcuiridh Dia stuanughadh ar an gcogadh so, is é is mó theastóchadh ó chríostaidhthibh bochta an domhain: stad leis. An dtiocfaidh aon stuanughadh ar do chuid ráiméise, nó an leanfair de ag spreallaireacht mar seo?: aon mhaolughadh, lagughadh. Ní théigheann aon stuanughadh ar bhiadh aige, úirliceann sé é mar itheann: stad: staidéar. Cé tá chun stuanuighthe do chur air, go bhfuil

an chuid dob fhearr ar lár aige: toirmeasc, cosc. Stuanughadh ort, a dhuine mhalluighthe: ciúnughadh, suaimhneasughadh ar t'fheirg.

stuanuighim: *b.a. 7 n-a.* ciúnuighim, sosaim, stadaim, toirmeascaim, socruighim, cómhnuighim. Stuanuigh, tá sé tuartha go leór le deóraibh agat: staon: ná goil a thuilleadh. Stuanuigh é ar chuma éigin, tá sé ar fliuchaidh lé holc: maoluigh é. Stuanóchaidh san leis an aimsir: claoidhfidh: imtheóchaidh an réim. Beidh tamall ann sara stuanóchaidh deasca an chogaidh seo, leanfaidh mío-mhuinghin agus fala é: suaimhneasóchaidh. B'fhéidir go stuanóchadh sé nuair bheadh sé déidheannach aige: go dtiocfadh cuid dá chéill do: go n-imtheochadh binb.

stuanuighthe: *a.r.* ciúnuighthe, stadta, suaimhneasuighthe, socruighthe. Nílir stuanuighthe fós, tá an gleódh 'san ghliogaireacht chéadna agat: stadta de chainnt. Níl na daoine stuanuighthe fós, bhíodar ró-thógtha: curtha ina dtost. Duine stuanuighthe anois ó fuair sé an cúiteamh airgid, is diail an mealladh é mar airgead: ciúnuighthe: maoluighthe. Is mór an iongadh ar a bhfuil de bhiadh ithte ag an amplóir, má fhanann sé stuanuighthe agam: socruighthe: gan úirleacan.

stuidín: *f.4.* studa beag. Stuidín lé cur thiar i mbóna mo léine: saghas cnaipe go mbun leathan scrogaillín is ceann cruinn air.

stuif: *b.2.* fola, adhbhar (éadach, cré, mianach, adhmad, aoileach, clocha bóthair, etc.), achmhaoin, brigh, tathnag, suiméar. Stuif cheart an t-éadach, seasóchaidh sé i bhfad: an fola, an mianach ceart, buan ann. Bheadh gal agam dá mbeadh an stuif agam: an luibh: an tobac. Níl aon stuif san adhmad san, lobhfaidh sé go luath: an mianach ceart buan. Geir an stuif go ndéintear coinnle dhi: an fola, an t-adhbhar. Is maith an stuif beathuisce maith: fola. Ní dhéanfadh éinne ach fear go mbeadh stuif ina chnámhaibh a leithéid de ghníomh éachtach: mianach iongtach. Ní dheaghaidh éinne amach ar an stuif a bhí sa tsoitheach, cuid aca á rádh gur chonntabharthach é, a thuilleadh go raibh sé ionólta: mianach. An leigfir dóibh tarcuisne do thabhairt duit? an í sin stuif atá ionat: mianach: brigh fir. Is garbh lé lucht gluaisteán an stuif atá dhá chur ar na bóithribh: gnáiste, clocha, etc. Scian cheart chruaidhe, daradha cnáibe, bíonn stuif ionta: achmhaoin agus fulang: d'fhuilngeóchaidís strus agus bíd buan. Ní mór ná go bhfuil sé curtha chun báis ge n-a bhfuil de stuifeannaibh dochtúra dhá thógaint aige: cogusaidhe. Ag leathadh stuife ar na prátaidhibh: cloch ghorm, etc. chun na bleaiste do chosc. Is olc an stuif é, bhruigheanfadh sé lé hingnibh a chos: droichmhianach. Árd-dhroch-stuif an fear san sháidhfeadh sé thu ar fhéachaint tharais: duine go bhfuil mianach olc, urchóideach ann. Cad tá ag an mbochtán do cheannóchad stuif chun tighe do thógáil leis?: adhbhar: adhmad, slinn, mairtéal, etc. Ag dortadh a chuid stuife: fola síl an fhireannaigh.

stúimpín: *f.4.* (**stúimpíneach**) duine dúr, mío-mhúinte. Léan ort, a stúimpín, ní thabharfainn trúmpa gan teanga ort: rud táir. Stúimpín capaill, bó, etc. ceann suarach gan acfuinn, ná fuinneamh. Na stúimpínidhe cluas atá air, chuirfidís ag gáiridhe thu; na stúimpínidhe cos atá uirthe ní taithneamhach ná córach: cosa beaga mío-chuibheasacha. Slán mo chómhartha ní raibh des na géagaibh air ach stúimpínidhe: sprochaididhe beaga.

stúinéis: *b.2.* áirleóg, coingheall, dúthracht. Siúd iad an dream ná beidh gan rud aca má bhíonn lé fagháil beó nó marbh má néann stúinéis dóibh é: coingheall is dúthracht chun dul chun cinn. Dá mbeadh aon tstúinéis ionat mar tá i ndaoinibh ná fuil an céadamhadh cuid chómh maith leat, budh mhaith as do bheifeá indiu: clódh ceart dulta chun cinn.

stúinéiseach: *a.* áirleógach, coingheallach, sanntach do féin. Ní raibh puinn eólais air, ach bhí sé stúinéiseach agus d'éireóchadh leis in aon áit: coingheallach, sanntach chun dulta ar aghaidh.

stúinéisidhe: *f.4.* duine coingheallach, sanntach chun an tsaoghail. Bhodharfadh an stúinéisidhe sin thu lé n-a mbíonn de chúirimidhibh ar siubhal aige.

stuipéar: *f.1.* duine nó ainmhidhe ina stad san áit chéadna i bhfad. É ina stuipéar ó mhaidean is a dhrom le falla, is nár leómhaidh Dia ar neach glaodhach chun bídh ná dighe air: ina sheasamh mar bheadh staic adhmaid sáidhte sa talamh. Ná congaibh im stuipéar annso me ag feitheamh leat ró-fhada: im sheasamh go duaibhseamhail, míoshásta. Níor ith an capall san faic ó airéir, is mór an náire é do choimeád ina stuipéar ar stábla: ina sheasamh ag feitheamh lé biadh. Tiocfaidh mo bhás lé fuacht as bheith im stuipéar annso: im sheasamh gan chorruighe.

stunaire: *f.4.* duine nó rud táir, suarach; duine cruaidh, fadhartha. Ná fuil stunairidhe maithe garsún éirighthe suas anois agat?: cruaidhe, fadhartha, folláine. Tor madra ní thabharfadh éinne ar fhocal an stunaire sin mar ná bíonn aige ach an dearg-éitheach: duine suarach gan mheas.

suaibhreós: *f.1.* tarcuisne, táir. Ag déanamh suaibhreóis díom ná labharfadh sé liom, dar leis: ag caitheamh tarcuisne orm. Lé suaibhreós ceart do scríobhas chuige nár theastuigh a chabhair ná a chóngamh uaim: mothúilt táire atá agam do. Ní haon tsuaibhreós liom-sa an focal is measa i mbéal scraiste mar thusa: níl sé ionat tarcuisne do thabhairt dom. Níor bh'é an t-eiteach is mó do ghoill orm ach an suaibhreós a bhí ina shúil is ina ghnúis: an dísbeagadh: an meas táir.

suaibhreósach: *a.* tarcuisneach, táir, dísbeagach, mí-mheastamhail. Is suaibhreósach liom thu chun freagartha do thabhairt ort, ní fiú liom ná dhom é: suarach, táir. Dá mbeadh sé ar a cumas súd is í a bheadh go suaibhreósach, ach ní leigeann gustal di é: mí-mheastamhail ar dhuine.

suaill: *b.2.* borradh. Is túisce suaill ná gaoth: cómhartha gaoithe lé teacht borradh sa bhfarraige. Droch-lá caladhthóireachta ar an oileán é, tá suaill ró-mhór sa bhfarraige: at: borradh: bolgadh.

suaimhneach: *a.* socair, ciúin, caoin, sámh, séimh. Suaimhneach lé labhairt leis, ar nós an leinbh: caoin, cneasta. Beir go suaimhneach annsan san áit iargcúlta san, gan neach chughat ná uait: sámh, socair. Budh shuaimhnighe an saoghal agat gan bheith pósta nuair ná réidhtighir féin agus do chéile: budh shíothchánta is budh shocra.

suaimhneas: *f.1.* ciúnas, socracht, síothcháin, sos, réidhteach. Go dtugaidh Dia an suaimhneas síorraidhe dá anam agus d'anamachaibh na marbh go léir: síothcháin gan corruighe i bhflaitheas Dé. Suaimhneas Dé oraibh, a leanbhaidhe, is cráidhte, buadhartha an croidhe atá agaibh: sos ó bhur mbrón. Is breágh an rud an suaimhneas in aon teaghlach: réidhteach: cur lé chéile. Tabhair suaimhneas duit féin: beir fada air: ná bí chómh dian ort féin. An dtabharfair aon tsuaimhneas don dteangain sin agat? cá bhfaghair cainnt?: sos: leigeant di ina stad seal. Suaimhneas lae ná oidhche ní bhfaghaim óm mhnaoi: bíonn sí do shíor ag giobadh is ag bearradh orm. Ceap do shuaimhneas, a bhleaigeáird, maran ort atá an fonn achrainn: fan socair, macánta. Bíodh do shuaimhneas agat: iomchair thu féin: scuir d'obair. Tá sé i mbun a shuaimhnis: ag breith breágh, bog, fada ar an saoghal. Tá an siopadóir sin i mbun a shuaimhnis go maith san ionad san: go maith as: acfuinneach. Dubhradh linn suidhe i mbun ár suaimhnis chun an bhídh: suidhe síos is gan deabhadh ná fústar do bheith orainn. Níor bh'aon tuar suaimhnis Mearaice do theacht 'on chogadh: cómhartha ná adhbhar go leanfadh síothcháin é. Bhuaidh sé ar a shuaimhneas orm: ag faoibín: bhuaidh pic. Is baoghalach ná raghaidh aon tsuaimhneas ar an aimsir go ceann i bhfad: socrughadh: breághthughadh. Choidhche ní raghaidh aon tsuaimhneas ar m'aigne go mbeidh cúiteamh agam as an gcladhaire a dhein mo dhíoghbháil: socrughadh: beidh sé ag déanamh mearbhaill dom go dtí san. Mara bhfuil bólacht ar chnoc aige tá suaimhneas ar shop aige: mara bhfuil strus an tsaoghail air níl sé ag cur aon mhairge air. Nuair gheóbhair do shuaimhneas tóg é: cao ar shos do thabhairt duit féin. Bheadh suaimhneas agam dá bhfágfá me: ní bheadh aon chiapadh orm. "Ar suaimhneas!" lé cip saighdiúiridhe: seasamh gan duadh ná aireachas ná imshníomh. Téigheadh do chroidhe chun suaimhnis, raghaidh feabhas ort: imthigheadh an bhuadhairt díot. Suaimhneas na bhFlaitheas chughat is aithris dom cad thárlaidh: síothcháin i nDia. Níor cheannuigh riamh an suaimhneas ach an té ná fuair é: is é an té go rug cruadhtan is duadh an tsaoghail air is mó go mbíonn sos tuillte aige. Is fearr suaimhneas ar shop 'ná céad bó ar an gcnoc: is subháilcighe an saoghal ag duine ar bheagán ná mórchuid cúraim do bheith air. "Agus do chonnaic sé gur mhaith an nidh suaimhneas agus an dúthaigh gur thaithneamhach í; agus do chlaon a dhrom d'iomchar ualaigh agus tháinig ina sheirbhíseach d'árdchíos" (Gen. XLIX. 15): ciúnas. "Tar éis dul don spioraid neamhghlan as an duine amach, shiubhluidh sé trí ionadaibh tiorma ag iarraidh suaimhnis agus ní fhaghann é" (Matha XII. 43): ag lorg sosa is síothchána. Mara leigis dom-sa, ní dóigh liom go n-imtheóchair fé shuaimhneas: go ró-shásta leat féin. Déarfá go bhfuil suaimhneas dulta ar an dtinneas: ciúnughadh: ná fuil sé chómh fiadhain, trom agus bhí sé. Bheadh an suaimhneas againn pé rud eile bheadh nó ná beadh againn: ní bheadh aon rud ghár mbuaidhreamh. Déinimis gach nidh lé suaimhneas: gan duadh, buadhairt, ná imshníomh d'fhagháil do. "An dtiocfair in aonfheacht linn?" – "fanfad i mbun mo shuaimhnis": mar a bhfuil agam. Seadh, tá sé ina shuaimhneas sa deireadh, an fear bocht, is budh mhór an truagh san chómh hóg sa tsaoghal: marbh. Druid isteach cois na talmhan mar a mbeidh suaimhneas agat: socracht a ghrádh 'sa uanaigh, 'sa bháb an tsuaimhnis: soineanntacht pearsan is iomchair. Go lá do shuaimhnis ní dhéanfá é: go lá do bháis. Tá suaimhneas i gcéachda bhreis ar rainn: is lugha struis a leanann í. Bheadh suaimhneas ón ngaoith sa ghleann ag an dtigh: ní bhéarfadh an oiread gaoithe. "Nár théighid suaimhneas ar t'earball", lé duine nó ainmhidhe corr(a)-thónach.

suaimhneasach: *a.* ciúin, síothchánta, socair, réidh. Imrighidh bhur gcártaidhe go suaimhneasach anois nó cuirfidh me bhur lámh suas: gan aon ghleódh ná clampar. Ní gábhadh díbh aon eagla do bheith oraibh, tá an mhuir suaimhneasach: socair: gan suathadh, gairbhe ná borradh. Is suaimhneasaighe an tinneas air indiu 'ná indé: is maoile. Talamh suaimhneasach atá ann ní deacair ualaighe d'iomchar ann: réidh. Beidh bóthar suaimhneasach féd chois agat: réidh: gan achrann ná gairbhe. Níor chodluigheas ró-shuaimhneasach airéir, bhítheas ag déanamh taidhrithe dhom i rith na hoidhche: sámh, socair. Ní raibh saoghal ró-shuaimhneasach aige faid mhair sé, iomard éigin in aghaidh an lae air: ró-shocair. Duine suaimhneasach, níor chuir sé mairg ná bráig ar neach riamh: macánta, deigh-iomchair. Buachaill ró-shuaimhneasach seadh é, is furaiste an bob do bhualadh air: neamh-ghéar, gan toirmeasc. Ná bí chómh neamh-shuaimhneasach anois, tá am do dhóthain agat: imshníomhach. Bóthar suaimhneasach as san isteach go Corcaigh agat: réidh, sleamhain. Is oth liom a rádh ná bíonn do mhac ró-shuaimhneasach ar scoil: ná fanann sé réidh ná socair. Dhéanfadh sé obair shuaimhneasach dá bhfaghadh sé í: obair nár ghábhadh deifir ná deabhadh. Creid mise leis ná fuil aon scar suaimhneasach rómhat amach anois: obair shaoráideach. Má fhanann na hainmhidhthe suaimhneasach ar an ngort beidh gach aon rud go maith: socair: gan iarracht do thabhairt ar bhriseadh amach. Ní dheaghaidh sé go suaimhneasach leis na gárdaidhibh: gan buadhairt is clampar do dhéanamh. Pé slighe atá sé, tá cuma shuaimhneasach air: cuma ná fuil sé crosta ná go ndéanfadh sé clampar ná callán. Glac suaimhneasach me: fan uaim: ná bíodh aon bhaint agat liom. Is suaimhneasaighe luighe 'ná suidhe: is seascra. A bhuidhe lé Dia dúthaigh shuaimhneasach do bheith againn: gan bhuadhairt, gan chogadh. Is suaimhneasach liom atá sé indiu bhreis ar aon lá eile: is dóichighde nách fada go maidhmfidh sé arís. Áit ró-shuaimhneasach duit-se seadh an ball iargcúlta so, níl leath do dhóthain scléipe dhuit ann: marbh.

suaimhneasughadh: *f.* (*-uighthe*) ciúnughadh, socrughadh, réidhtiughadh, maolughadh. An ndeaghaidh aon tsuaimhneasughadh fós oraibh? cad tá eadraibh anois?: socrughadh ar bhur gcuid achrainn. Chuaidh dhíom é do shuaimhneasughadh, tá an oiread san uilc air: ciúnughadh. Ní haon tsuaimhneasughadh ort bheith ag argóint leat, bíodh an scéal ar fad agat: ceannsughadh. D'iarraidh an tsuaimhneasuighthe do dhéanamh ar mo dhícheall do bhíos eatartha, dar liom, ach is amhlaidh d'éirigheadar chun a chéile ar fad annsan: é do chur ó throid. Thugas braon suaimhneasuighthe dhóibh: a bhéarfadh ortha a gcuid clampair do chaitheamh uatha. Mara ndéanfaidh an stuif sin an pian do shuaimhneasughadh claoidhfidh sé me gan amhras: do mhaolughadh. Is mór an suaimhneasughadh ar m'aigne daoine do bheith im fhochair le linn mo bhuadhartha: maolughadh, socrughadh. Seo biadh dhuit, féach an ndéanfadh sé aon tsuaimhneasughadh ar do bhéal: tú do chur ón oiread san cnáimhseáin. An riaghaltas ag suaimhneasughadh an phobail ghoirgigh trí ghéilleadh dá n-athchuinghe: ghá gciúnughadh.

suaine: *f.4.* slios-mhogal, snáithín láidir lé ceasaibh lín chun a neartuighthe. Cuirtear suaine leis an líon chun ná stracfadh sé.

suainmheach: *a.* go suaine. Líon suainmheach: go mbíonn slios-mhogal láidir leis.

suainseán: *f.1.* ithiomrádh, cúl-chainnt. Bír ag suainseán orm, bíodh deireadh agat leis: beir ag cúlchainnt orm ag tabhairt táinsimh dom. Ní ag suainseán air atáim nuair deirim leat nách macánta an duine é: ní hag cur síos go mí-cheart air é. Bean mhín mhacánta nár airigheas riamh ag suainseán ar éinne: ag tromaidheacht laistiar de dhrom. Dá fheabhas do bhím dóibh bíd ag suainseán orm: ag tromaidheacht: cainnt cháinteach ar siubhal aca. Tugtar suas do mhnáibh é mar lucht suainseáin: dream a scaipeas ráflaidhe ar cháil is imtheachtaibh cómharsan gan aon scropall ortha éitheach is bréag do leathadh.

suainseánach: *a.* ithiomráidhteach, cúl-chainnteach, monabrach, trom-labharthach. Duine beag an-shuainseánach é, bheadh scéal éigin ar a ghob i dtaobh na gcómharsan gach aon uain den ló aige: ithiomráidhteach: tugtha do mhasla do thabhairt trí chur síos. Bíonn scéal suainseánach éigin i gcómhnaidhe aige, níor airigheas riamh focal maith as a bhéal ar son éinne: cáinteach, masluightheach. Fág an scéal san mar a bhfuil sé is ná bí suainseánach: claon lé n-a scaipeadh. Is aice atá an teanga is suainseánaighe annso, ní gábhadh dhi ach gaoth an fhocail is beidh sé ar a gob aice ar fuaid an cheanntair: cúlchainnteach, cáinteach, neamhscropalach. Oiread agus focal suainseánach níl lé cur n-a leith: cáinteach ar a chómharsain. B'fhearr don dteangain shuainseánaigh a gearradh: an teanga a mhasluigheas an chómharsa.

suainseánaidhe: *f.4.* aithis, cúlchainntighe, ithiomráidhtidhe. Ní maith agus ní cóir an chómharsa suainseánaidhe fir ná mná: duine a bheireas scéal bascuightheach leis, a leathas ráflaidhe fíor nó bréag. A shuainseánaidhe, cuirfead cor it phíp! mara gcúbair an teanga ghránda san agat: aithis duine.

suairc: *a.* sochma, síbhialta, modhamhail, miochair, subháilceach, girréiseach. Chaitheas seachtmhain an-shuairc sa chathair lé daoinibh cuideachtamhla: aoibhinn: subháilceach. Ní scéal suairc é seo aca so ambasa, is mór an phudhair a mac: sona: sásta. Bí suairc anois, níl aon chall lé bheith goirgeach, ní fiú trácht ar ar thárlaidh dhuit: sochma: gan fearg do theacht ort ná míchéadfadh. Brathaim an-shuairc anois thar éis mo choda d'itheadh is mo ghal pípe: sásta, sona, subháilceach. Is suairc an duine thu lé labhairt leat, chuirfeadh sé breághthacht ar chroidhe éinne: deigh-mhéineach: gan aon rud ag cur dochma croidhe ort. Ceól suairc dhá sheimint duit, is biadh suairc ar bórd agat: aoibhneas ceóil is subháilceas ithte. Nuair bhíonn braoinín caithte aige bíonn sé go suairc: girréiseach: a mheanma tógtha.

suairc-: *i gcfbh.* buacach, subháilceach, meidhréiseach, soi-mheanmnach. Gheóbhair suairc-aighneas uaidh ach go háirighthe, níor chaill sé a theanga: a bhainfeadh aoibhneas id chroidhe. Bí suairc-bhriathrach léi, tá sí in ísle bhrighe: pé cainnt a thugair di bíodh sé claon lé girréis do chur uirthi. Budh dhóigh leat air ná raibh aon mhairg sa tsaoghal air, tá sé chómh suairc-fhriotalach san: subháilceach ina chainnt is ina mheón. "Suairc-bhean óg na gcuacha n-óir, sí Cáit mo stór, etc.": bean a bhíos do shíor grádhmhar, tais. An suairc-fhear, mo ghrádh lém chroidhe é: fear forasta ná corróchadh aon mhairg a mheanma. Ní deacair cuideachta do dhéanamh leis na suairc-chailínidhibh seo, is iad atá go geal-gháirteach: cailínidhe suilt is grinn.

suairce: *b.2.* subháilce, deis-bhéalaidheacht, aiteas, greann, súgacht, meidhreacht. An tsuairce go léir atá ag baint leis, duine dona a raghadh in earrad leis: suaimhneas is socracht aigne. Gheóbhair an tsuairce i gcómhnaidhe uaidh, dá mbeadh a chroidhe chómh dubh lé gual ag brón: subháilceas cainnte. Is sinn a tháinig abhaile go sásta lé suairce an lae a bhí curtha isteach againn: lá go raibh greann is aoibhneas ag baint leis. Níl focal a sceinneas ó n-a bhéal ná go bhfuil suairce ann: soilbhre: taithneamhacht. D'imthigh an tsuairce as a glór, ó chlaoidh an saoghal í: an mheidhréis: an gliondar: an greann.

suairceas: *f.1.* subháilceas, soilbhreacht, áthasacht; girréis; sclóndar, meidhréis. Cuireann sé suairceas ar chroidhe an uile dhuine go bhfuil aithne aige ort tú do theacht chughat féin: lúthgháir. Cad do bheir don ndúra dara go bhfuil an suairceas go léir air, dar an bportús tá sé ag gáiridhe: sclóndar: meidhréis: tógáil croidhe. Nách dóigh leat ná go bhfuil sé tuillte agam labhairt lé suairceas liom: deigh-mhéin agus geanamhlacht. D'imthigh an suairceas as an áit ó éag sé, budh mhór an fear seóidh é: sughchas, úrgháirdeas. Teine bhreágh mhóna ar theinteán glan, níl aon bhaoghal ná go bhfuil suairceas innte oidhche fhuar gheimhridh: subháilceas don aigne. Cuireann ceól maith suairceas ar mo chroidhe: éirghe: sásamh binn. Nách mór an suairceas leis an diabhal san tusa bheith ag caitheamh airgid air: girréis: lúthgháir. Níl aon tsuairceas anois im chroidhe, níl ionam ach bheith ag féachaint orm: aon áthas ná fonn áthais ná grinn.

suairceasach: *a.* subháilceasach, soilbhreach, áthasach, lúthgháireach, geanamhail. Ar ar thárlaidh chómh haindeis sin do is mór an iongadh an gáire suaircis féin do bheith ann: gáire le fonn. Bainim árd-shuairceas ar fad as bheith ag cainnt lé leanbhaidhibh beaga, óga, cuireann a n-aigne toisc ait an tsaoghail im mhachtnamh: an-shásamh, sclóndar ar mo chroidhe. Mara n-óltaí bhur ndeoch go suairceasach gheóbhaidh sibh an doras, ní theastuigheann aon chlampar ná gleódh sa tigh seo: sughach, subháilceach. Gan éinne ina bhfochair ach é féin 'sa bhean annsúd tá saoghal suairceasach ann: sona, soilbhir: táid ar a dtoil ann. Is suairceasaighe go mór ar a dhigh ná ar a chéill é, ní amhráin, rinnce ná scéalta grinn go dtí é: is soilbhre i meanmain é: is meidhréisighe.

suaitheanta: *a. n-dh.* cocánach, ion-aitheanta, mórtach, sciamhach, órnáideach. Níor mhaith liom in ao'chor an hata san ort, táir ró-shuaitheanta ann, bíonn an saoghal mór ag breithniughadh ort: cocánach: neamhchoitcheannta. Síneáil shuaitheanta i ngach seómra sa tigh: órnáididhe breacaithe ortha. Sciath shuaitheanta: go mbíonn armas treibhe breacaithe uirthi. Stuagh suaitheanta na sean-chille: go raibh maisiughadh greanuighthe uirthi.

suaitheantach: *a.* cocánach, ioldathach, maisighthe, éagsamhail, riabhach. Chómh luath in Éirinn is bhíonn aon bhraon beag caithte aige bíonn sé ina ghlaigin (gliogaire) suaitheantach: é ag tarrac breithnighthe gach éinne air lé n-a aiteas. Culaith shuaitheantach air, a leithéid ná feacaidh puinn riamh san áit roime sin: neamhghnáthach i ndath, in adhbhar, i ndéanamh, etc. Ceanntar suaitheantach seadh é seo, cnuic, comaracha, réadhanna, aibhnte, oileáin, locha go deó, deó ann: ball éagsamhail, neamhghnáthach i scéimh 'si gclódh.

suaitheantas: *f.1.* tréith éagsamhail, neamhghnáth, cómhartha deárscnach, nath, suim; armas, bratach, iongtas; teangmháil, allta, éachtach, draoidheachtamhail, eachtrach; mórchuid, móirlíon. Brat suaitheantais: go mbíonn armas breacaithe, tairngthe air. Cad é an suaitheantas atá ag baint leis an bhfíon so anois ar feabhas, bhreis aon fhíon eile: tréith áirighthe is furaiste do thabhairt fé ndeara. Ní fuláir nó is iomdha suaitheantas feicsithe agat ar do mhór-shiubhaltaibh: rudaidhe neamhghnátha is iongtaisidhe. Suaitheantas dob eadh an amhailt úd lé n-a toirt: ainmhidhe allta. Nách é sin an suaitheantas nách féidir lé neach a thuigsint cad imthigheann ar an eascúin nuair scéidheann sí: rud a chuireas iongtas is áidhbhéil orainn. Ná bí ag déanamh suaitheantais de ach sin é annsan é, agus connus do chuaidh sé ann: iongadh, áidhbhéil. Ag déanamh suaitheantais orm ós chómhair na ndaoine ní leigfinn do é: ag tarrac aghaidh is caoraidheachta na ndaoine orm. Níor thógas aon tsuaitheantas de ach díreach is dá mbudh ná beadh sé in ao'chor ann. Beidh suaitheantaisidhe cuid mhaith ar Aonach na gCapall: rudaidhe ná beadh lé feicsint ach go hannamh. Beidh suaitheantas daoine bailighthe isteach 'on bhaile i gcóir an chluiche cinn: sluaighte. Is mór go léir an suaitheantas é, dar leis, ó tá culaith ghalánta air: nidh lé breithniughadh is iongadh do dhéanamh de. Níl aon tsuaitheantas ag neach annso ionat ach an oiread lé héinne eile: ní tógtar aon cheann díot seachas iad trí aon rud éachtach fé leith do bheith ag baint leat. D'éirigh an lucht oibre amach ag déanamh suaitheantais, breis thuarasdail a bhí uatha: ag cur a ghearáin in iúil lé cruinniughadh, cainnt, etc.

suaitheantasach: (**suaithinseach**) *a.* eachtrach, cocánach, iongtaiseach, deóranta, neamhghnáth. Rugadh ar iasc suaitheantasach an lá fé dheireadh, téigheann des na hughdair a dhéanamh amach cad é an cineál bric é: ceann neamhghnáth, deóranta. Is dóigh liom gur focal suaitheantasach é, ní chloisim ag éinne anois é ó aimsir na seandaoine: eachtrach: go dtógfaí ceann de lé n-a neamhghnáth. Scéalta suaithinseacha i dtaobh long a imthigh gan aon tuairisc ortha, eachtróchad anois díbh iad: nách féidir tuairm, míniughadh ná réidhteach do thabhairt ortha. Tugann an t-éadach san cuma shuaitheantasach ort: clódh go mbeifí ghá thabhairt fé ndeara go hiongtaiseach. Is é an buachaill is suaithinsighe dá raibh annso lé cuimhne na ndaoine é: go bhfuil rud éigin iongtach, neamhghnáth ag baint leis. Nách suaitheantasach atá sé agat ná tabharfá amharc dúinn air: mór-shuimeamhail ann mar bheadh tréithe éigin iongtaiseacha ag baint leis.

suaithim: *b.a.* cuirim trí chéile, fuinnim, meascaim, crothaim, cuimlim, criathraim, corruighim, buaidhrim. Ná suathaidh do cheann leis mar scéal, tá san ag dul des gach éinne: ná buaidhir: ná cuir trí chéile. Ná suathaidh me, fan socair: ná corruigh me, ná súnc ó thaobh taobh me. Suathfaidh an obair chruaidh seo na cliatháin go maith ionat: corróchaidh i slighe go mbrathfair é. Suathaidh an t-éadach san: cuimil is ionnramháil in uisce é, mar beifí chun an tsalachair do bhaint as. Shuathaidh an dá arm a chéile ó thalamh ar feadh coighcís ag gabháil stealla ar a chéile de ló agus d'oidhche: thuairgneadar: bhuaileadar is smísteáladar gur bhrathadar é go géar. Suathaidh an buidéal sara n-ólair as: croith é i slighe is go raghaidh pé stuif atá ann trí chéile. Suathaidh an taos go maith sara ndéinir an císte: fuinn é: fáisc agus liathraidh é. Suathaidh na cártaidhe mar is cóir, is ná déin an tuaiplis: measc, cuir trí chéile iad. Gluaisidh isteach go socair, ná suathaidhidh: ná bídh ag sáthadh is ag útamáil. Shuathfadh sé thu bheith ag éisteacht leis: chuirfeadh trí chéile. Shuathadar an cúrsa ó thalamh sar ar bheartuigheadar ar cad budh

cheart do dhéanamh: chuireadar trí chéile é. Cad a shuathaidh thu? tá droch-dhath ort: cad do chorruigh thu? Gaibh amach fén spéir duit féin, a raga, is suathaidh thu féin: sear, sín is lúb do ghéaga is do chorp. Nuair bhuail an bád ar an gcarraig suathadh go maith í: rug strus mór ar a maillidhibh. Suathann an gluaisteán chómh mór san me go mbím breóidhte innte: corruigheann: goilleann orm.

suaithneáil: *b.3.* suathadh, corruighe, goilleamhaint, cur trí chéile, ionnramháil ghoilleamhnach, criathairt, buaidhreadh. Ná tabhair aon tsuaithneáil do san, tá sé an-leóchaileach, bhrisfeá ar fhéachaint thart é: ná bain aon chorruighe thar ceart as: ná tabhair aon ósbairt do. Má bhír ghom shuaithneáil tabharfad pleannc duit, ná fanfá socair: ghom sháthadh, chorruighe. Fuair na gais an iomad suaithneála ón ngála, tá mórchuid díobh briste: corruighe forránach. Rug suaithneáil mhór ag an lá air: ghoill sé air. Ní ainmhidhe maith fé chairt an capall san, bíonn an iomad suaithneála aige: corruighe sall agus anall: mío-shuaimhneas. Tugann an taoide láidir an iomad suaithneála do photaidhibh na ngleamach: tuargana. Cuiridh uaibh an tsuaithneáil sa nadhbhóig, tá sí ró-bhaoth, agus b'fhuraiste a béal do bhualadh fúithi: ionnramháil.

suaithneálaim: *b.a. 7 n-a.* corruighim ó thaobh taobh, tuairgnim. Ná suaithneáil mé, táim im sheasamh ar thap de bhfionntar: ná corruigh me lé súnc ná sáthadh mar thuitfinn. Suaithneáladh an trucaill go ró-mhór in achrann an bhóithrín. Suaithneáladh an láir agus chaith sí mairiach: fuair sí tuargaint, is shaoghaluigh sí siorrach roim ionbhaidh dhá dheascaibh. Shuaithneáladar a chéile i mbéal an bháide tímcheall na peile: sháthadar, bhrughadar, ghuailneáladar go dian. Má shuaithneálann an ciseán brisfear na huibhe: má déintear corruighe ró-mhór ortha. Shuaithneálfadh an capall san na putóga ionat ag marcaidheacht air, ní ghluaiseann go réidh: do chorróchadh is d'iompóchadh síos suas. Suaithneálfaidh an ghaoth na bláthanna: corróchaidh i slighe go ngoillfidh ortha. Má suaithneáltar tón an phuill éireóchaidh an draoib ar barra: má cuirtear trí chéile é.

suaithneálta: *a.r.* tuargtha, curtha trí chéile, corruighthe. Táim suaithneálta agat: corruighthe i slighe go mbrathaim é. Duine suaithneálta thu in aon áit go mbír: a bhíos ag ionfairt: ná fanann socair. Cuideachta ró-shuaithneálta í seo do dhuine shuairc, shuaimhneasach: ró-bhuadhartha, ró-chorruighthe. B'éigean an loingeas do dheisiughadh, bhí sé suaithneálta thar éis an chatha: an oiread san tuargtha fachta aige go raibh bascadh déanta dho. Caithfead suidhe, táim suaithneálta ag an méid sin: tuirsighthe, traochta. Fan socair ar an gcathaoir sin, tá na cosa an-shuaithneálta fúithi: neamh-shocair; corruightheach.

suaithte: *a.r.* fuinnte, curtha trí chéile, borrtha, bolgtha, croithte, traochta, tuirseach, báidhteach. Lá ró-shuaithte ar an bhfarraige chun bádóireachta é seo, fanam ag baile: an fharraige borrtha, corruighthe. Cad chuir an chuma shuaithte ort? an ag áirneán do bhís airéir?: báidhteach, an dath 'san snódh trí chéile, mar bheadh strus beartha ar dhuine nó ceal codlata. Scéal suaithte é seo eadrainn, ceal plúir do bheith orainn: buadhartha. An bhfuilir an-shuaithte tar éis na hoidhche ar an bhfarraige?: an mbrathair strus?: an ngoilleann sé ort? Tosach báid nó deireadh cairte is suaithte: is mó a bhaineas ionfairt as dhuine agus a ghoilleann air. Tá sibh suaithte ge n-a chéile, is mithid díbh éirghe as: cortha traochta ó bheith ag buaidhreamh a chéile leis. Rug lá suaithte go maith orm ar

bhóthar fhada ar bheagán bídh: clamparach, tuirseamhail. Nuair bheidh an plúr 'san mhin suaithte agat cuir bainne géar ortha agus fuinn císte: measctha trí chéile. Táimíd suaithte marbh ge n-a chéile, scaraimís: traochta, tnáidhte. An coirce suaithte go maith ag an ngaoith: corruighthe, tuargtha agus a rian air. Breóidhteacht an-shuaithte atá air ní mór go n-aithnigheann sé éinne: atá ag goilleamhaint go han-mhór air. Bím an-shuaithte ó oidhche suas: brathaim mo chnámha tuirseach agus me gan anam. Tá an bharracht suaithte a dóthain: meascaithe. Bóthar suaithte: achrannach. Tigh suaithte atá againn: clampar nó gleódh ar siubhal ann.

suaithteach: *a.* corruightheach, ionfairteach, tuirseamhail, clamparach, claon lé buaidhreamh. Duine ró-shuaithteach é sin chun bheith suidhte in aice leis: corruightheach, tuirseamhail. Rud suaithteach oidhche do thabhairt ar thórramh: tuirseamhail. Bíonn sé ró-shuaithteach nuair bhíonn deoch caithte aige: bíonn sé claon lé clampar do dhéanamh. Mara bhfuil aonnidh suaithteach eile ag déanamh mearbhaill duit ach mise ní mór an buaidhreamh a bheidh ort: an rud a chuirfeadh as duit. Is beag is féidir liom do scríobh ag na glórthaibh suaidhteacha atá im cheann: mearbhallacha.

suaithteacht: *b.3.* corruightheacht, tuirseamhlacht, clamparacht, measchthacht. Suaithteacht na haimsire is bun lé hearraidhibh do bheith gann: dul trí chéile: buaidhreamh, neamhshocracht. Cuirir suaithteacht ar mo cheann leis an méid glóir do dhéinir: buaidhreamh: mearbhallacht. Chuireas díom chómh tapaidh agus d'iomcharóchadh mo chosa me ar bhfeicsint suaithteacht an tighe dhom: neamhshocracht: bruachghail ar achrann. Droch-lá iascaigh é ag suaithteacht na farraige: iomluadh: ionfairt ró-mhór na dtonn. D'aithnigheas ar a shuaithteacht a thaidhbhsigh sé dhom go raibh an oidhche ar ghuardal aige: an chuma chorruighthe, thairngthe a bhí ar a shnódh. Brathaim ag dul i neamh-chruinne is i neamh-anamamhlacht me ag suaithteacht an tsaoghail: an ionfairt, an clampar is an duadh is dual don nduine ag gabháil tríd do. Chaitheas me féin amach as an dtrucaill lé n-a suaithteacht: mór-chorruighe sall 'sanall, síos suas. Tá eagla orm go bhfuil suaithteacht na breóidhtighe mós maith dho ná seasóchaidh sé í: an strus cuirp atá air aice. Cá hiongadh cuma óigíneach do bheith air, ní mór an tsuaithteacht do rug riamh air: oiread clampair agus go mbrathfadh sé é. Lagóchaidh suaithteacht na cainnte thu: an duadh bheith ghá déanamh. An dara hoidhche ní fhéadfainn aon tsúil do chongbháil oscailte lé suaithteacht: tuirse is tnáidhteacht.

suan: *f.1.* codladh, sos sealadach, nádurtha, sláinteamhail; luadhaill is luadair is gábhadh do dhuine is d'ainmhidhe chun suaimhnis; dáil sosa neamh-mhothála is neamhshuime incheann is intinne. Go n-éirighid suan leat: go gcodluighir go sámh, is go ndúisighir go sláinteamhail. Luighe suain ná raibh ort, a dhuine sin, maran fústrach, corrathónach ataoi: nár shuidhir fé shuaimhneas. Deireadh fir a shuan is bean ghá faire féin suas: ag dul i dtreó an bháis déineann seanduine mórchuid codlata, agus cómhartha báis na mná bheith claon lé dúiseacht. Raghadh ar mo leaba shuain: chun suaimhnis is codlata. Mar a dtigid na héin chun suain: chun sosa eitill is codlata. Biorán suain curtha ag duine éigin san bhfear so is é do bheith ina chodladh fós: i scéalaidheacht biorán a chuirfeadh codladh faid budh mhian ar dhuine. Céile don tsuan an bás: ní mór ná gur b'í an chosamhlacht chéadna bhíos ar dhuine ar an dá aiste. Beam gan codladh gan suan ag an ngála: aon néall, ná suaimhneas ní thuitfidh orainn. An id shuan ataoi, ná fuil aon fhocal asat?:

codladh. Chuirfinn-se suan ort mara n-éisteófá do bhéal: thabharfainn buille dhuit ná beadh fios do bheart agat aige ar feadh tamaill. Tá sé in am suain ag éinne go bhfuil a ionad aige anois: is mithid téarnamh a chodladh. Téighimís 'on luing shuain: 'on leabaidh. Níor shuan dom dul 'on leabaidh: níor thuit aon chodladh. Caitheann san a shaoghal ina shuan, ní maith bheith ag cainnt leis: go neamh-shuimeamhail. "An chuaichín ar bharra na ngéag ann, ó 'sí chuirfeadh an saoghal chun suain": suaimhneas lé n-a binneas. "Gidheadh as a dtímcheall a bháis do labhair Íosa; achd do shaoileadar san gur a dtímcheall a shuain codlata do labhair sé" (Eóin XI. 13): suaimhneas. Múscail! ná bí id shuan: marbhánta, gan preab. As a shuan a thug sé an gearán leis: níor bhrath sé air é go dtí thar éis múscaltha dho. Tá sé ina shuan síorraidhe air, lé duine gur deacair a mhúscailt. Tá suan seachtmhaine orm: ní fios cathain dhúiseóchad táim chómh tuirseach tnáidhte sin. Beag-shuan chughat! sin í mo ghuidhe-se dhuit: suaimhneas ná codladh nár fhaghair.

suanach: *a.* codlatach, marbhánta, ciúin, socair. Lá suanach seadh atá ann, ní mór go bhféadfá duilleóga do shúl do chongbháil ó chéile: codlatach, claon lé codladh do chur ar dhuine. Do mhaidrín go suanach ina luighe fén ngréin: é ag srúmatáil chodlata. Dá bhfágfaí annso anois me mar a bhfuilim ar mo thoil féin mar táim go suanach ann: go suaimhneasach, sámh.

suanaidhe: *f.4.* duine gur mian leis an tsocracht. Is fada go rug sé ar arm oibre ná aon chuimhneamh aige air, ná aon rud eile go mbeadh duadh ag baint leis, an suanaidhe: sámhánaidhe. A lámha ina bpócaidhibh ag imtheacht ag stráilleacht, sin mar tá ges na suanaidhthibh seo: daoine a chasas socracht.

suanaidheacht: *b.3.* sos, scur. Níor char sé riamh an tsuanaidheacht, chaithfeadh rud éigin do bheith ar siubhal do shíor aige: sos ná suaimhneas ní thabharfadh do féin. An t-aindeiseóir, ní raibh suanaidheacht lae ná oidhche aige ón lá baisteadh é: sos cuirp ná intinne. Ná tabharfá suanaidheacht duit féin i ndeireadh do shaoghail thiar: bogadh is maolughadh ar obair is shaothar.

suanaim: *b.a.* ₇ *n-a.* codluighim. Suanfad an oidhche nó is iongadh é, ar a bhfuil de thuirse orm: codlóchad go sámh í. Suanfad seal ar an leabaidh, táim an-thuirse orm: déanfad sos codlata.

suanaire: *b.4.* (**suanmhaireacht**) codlatacht, sumratálacht, marbhántaidheacht. Is mór go léir an tsuanaire í ná féadfadh sé na súile do chongbháil oscailte is codladh oidhche déanta aige: claoine lé sámhaireacht. Gan amhras is mór-mhaitheas duit a shuanaire chodlais: sámhaire: id charn codlata gan corruighe gan dúiseacht. Ní fheadar i gceart cad bhí ar siubhal im thímcheall, mar bhí suanaire orm ar an am gcéadna: marbhántacht chodlata.

suanmhar: *a.* codlatach, marbhánta, ceannsa, ciúin. Is suanmhar ataoi go mbeifeá ag dúnadh na súl chómh luath san: codlatach. Budh shuanmhar an duine, chodlóchadh sé tímcheall an chluig duit is gach aon tsrann aige: codlatach agus marbhánta chun éirighthe. "Is suanmhar atá sé ag dul duit", deirtear lé duine ná féadfadh fanacht ina dhúiseacht. Ná

hólfá do dheoch, nách suanmhar atá sé ag dul duit: marbhánta, mío-thapaidh. Is fada go gcloisfear bruighean ná achrann ag an bhfear suanmhar san lé héinne: ciúin, macánta, ceannsa.

suarach: *a.* beag, neamh-thábhachtach, éadtrom, sprionnlaithe, dearóil, neamh-fhearamhail. Is mór liom de dhá ghreim thu agus is suarach liom de ghreim: taidhbhsighir ró-bheag dom. Nách suarach a fuairis ar an áit is é chómh mór?: fíor-bheagán airgid. Ubhla suaracha a bhí ann anuiridh, ní raibh aon fhás leó: beag: críocháin ubhall. Ní airgead beag ná suarach do tugadh ar an éadach so dréir an chrota atá air: nár bh'fhiú spéis do chur ann. Bliadhain shuarach fé bharraidhibh seadh í: olc: meathta: gan mórán tortha. Ná bí chómh suarach fé, bíodh féile ionat: sprionnlaithe. Is oth liom ná féadfainn aon iasacht do thabhairt duit táim an-shuarach fé airgead fé láthair: táim ar an gcaol-chuid. Ní dhéanfadh Éire dho ach duine suarach is tu d'eiteach ar rud go bhféadfadh sé scaramhaint leis gan bascadh dho féin: cruinn, cruaidh gan speach. Is suarach nár bhuail sé a cheann air is dá ndéineadh bhí deireadh leis: is beag nár etc.: chuaidh sé in árd-ghiorracht do. An-shuarach a bhfuil ag teastáil uainn, nách truagh ná fuil sé againn: beag-chuid. Chaith sé an oidhche aréir an-shuarach ar fad, ní mór ná gur sciogadh é: an-lag, an-dhearóil. Budh shuarach an mhaise agat í d'eiteach ar phinginn, an t-aindeiseóir bocht: budh lag, sprionnlaithe an bheart agat í. Ní bheinn chómh suarach is go labharfainn leat: chómh húiríseal. Nách suarach ar chuiris chughat féin, cad í an choigilt atá agat air?: ádhbhar an-bheag. Is suarach nár thuit an t-anam asam leis an saothar: ní mór ná gur thuit. Ná cuir aon nath i rud suarach mar é sin: beag-thábhacht. Is amhlaidh is suarach liom duit é, mar is fiú a thuilleadh agus a thuilleadh thu: ní taidhbhsightear dom go bhfuil sé mór ná maith a dhóthain in ao'chor duit. Is suarach eile an mhoill do bheadh orm nuair bhéarfá orm: moill an-bheag. Is suarach an rud a dheineas maitheas nó díoghbháil do dhuine: rud gan tábhacht.

suarachán: *f.1.* duine beag, dearóil, snamhaire, spreallaire, sprionnlaithe. Níor dhein riamh é ach suarachán: duine gan fearamhlacht. Fág an bealach uaim, a shuaracháin, nó árdóchad liom ar mo bhais thu: spreallaire, meathalóir. D'umhlóchadh an suarachán san d'éinne go mbeadh aon speilp air: an spreallaire, duine gan mheas aige air féin. Suarachán a bheadh ag suainseán ar éinne: duine táir, neamhfhearamhail, gan speach. Nách iad na hubhla san na suaracháin: rudaidhe miona. Meas suaracháin atá sa chathair air: duine gan áird. Margadh déanta agam leis, is tháinig is díol an capall airís ar phúnt breise, ní dheárna riamh é ach suarachán: gan luid fearamhlachta.

suarachas: *f.1.* sprionnlaitheacht, táir, umhlaidheacht, rud gan tábhacht, neamh-áird. Suarachas é sin, breis ar rudaidhibh eile atá déanta aige: rud gan áird, nách fiú d'áireamh. Ní raibh riamh agam ach an suarachas fairír, ní mór go rabhas ábalta ar na brógaibh do chur orm féin: an bhochtanacht: fíor-bheagán. Ag brath ar an suarachas atáimíd-ne, daoine bochta na háite seo riamh: ar an mbeagán struis. Ag beannughadh is ag feacadh glún dos gach éinne lé neart suarachais: umhlaidheacht: mar bheadh scláibh. Ní chuirfinn m'ainm i dtreis lé suarachas: mar gheall ar rud bheag gan luach ní dhéanfainn oiread is labhairt. Gheóbhair uaim ar shuarachas é, agus is maith an earra é: ar fhíor-bheagán. Ag dul ar shuarachas ataoi anois má bhír ag achrann 'sag áiteamh i dtaobh pingne: ar sprionnlaitheacht.

suaraidheacht: *b.3.* beag-luachmhaire(acht), beagthábhacht, dearóile, sprionnlaitheacht, lag-uaisleacht. Leis an suaraidheacht a bhíonn sé ag maoidheamh na maithe a bhíonn déanta aige: lag-uaisleacht: sprionnlaitheacht aigne: anuaisle. Dá mbeadh an tsuaraidheacht ag baint leis, ach níl, chaithfeadh sé ar bhior do chinn an doras amach thu tar éis a bhfuil de shuainseán déanta agat air: ceal uaisleachta. Ní cuibhe dho dhuine a ainm do chur i dtreis lé suaraidheacht: rud neamhthábhachta. Eagla ar a mhuinntir ná téarnóchaidh sé an oidhche ar a shuaraidheacht atá sé: dearóile: olcas i luigheachán breóidhteachta. Lé suaraidheacht a bhíonn an teanga liom leat aige: ceal fearaidheachta. Ní cheannóchadh sé an capall lé n-a shuaraidheacht, ceann láidir, cuthaigh atá ag teastáil uaidh: lé n-a luighead: ceal toirte is crota.

suathramán: *f.1.* duine gan áird. Is fada ó chuir neach suim i nglór an tsuartháim sin, mar ná bíonn fód na fuaimeant le n-a ráidhtibh: duine gan tábhacht. Is cuma cad néann an suathramán san, ní bhainfidh a ghlór aon ghreim asainn: duine nách fiú suim do chur ann.

suaruighim: *b.a.* dí-mheasaim, néim seafóid de, tarcuisnighim, íslighim, táirighim. Ní shuaróchainn mé féin ar dhul chun gearr-aighnis lé suathramán mar é, tá a mhalairt de mheas agam orm féin: ní úirísleóchainn: ní thabharfainn an méid sin dí-mheasa dhom féin. Rud ró-sprionnlaithe lé déanamh seadh é, ní shuaróchainn me féin le n-a dhéanamh: ní chaillfinn mo mheas leis. Ná suaruigheann a bhean é i súilibh a chómharsan lé bheith ag síor-ghiobadh air: ná tugann sí táir is taircuisne dho. Suaruigheann sé é féin ar smeathán dighe: bíonn sé ag tnúth leis: deineann sé maidrín lathaighe dhe féin ag brath ar a fhagháil nó ghá chur féin i slighe go bhfaghadh sé é. Ó, tá sé chómh sprionnlaithe is ná tabharfadh sé dhom é, ní shuaróchainn me féin lé n-a chur in iúil air: ní dhéanfainn oiread beagchúise dhíom féin.

suarughadh: *f.* (*-uighthe*) d'úirísliughadh, sprionnlughadh, tharcuisniughadh, tháiriughadh, dhísbeagadh. Ag tromaidheacht orm is ag libhéal, ghom shuarughadh i láthair mo lucht aitheantais: ag tabhairt táire dhom. Sé a chúram bheith ag suarughadh na ndaoine: ag cur síos ortha go droich-mheastamhail. Ní haon tsuarughadh ort teachtaireacht do dhéanamh do dhuine níos boichte 'ná thu: dísbeagadh: mí-mheas. Ghom cháineadh leó, d'iarraidh me do shuarughadh i radharc na ndaoine: dí-mheas agus masla do thabhairt dom.

suaruighthe: *a.r.* úiríslighthe, dí-mheasta, tarcuisnighthe, táirighthe. Trí huaire tá buaidhte aige anois ort go faoibín, táir suaruighthe go maith aige: truaillighthe, íslighthe, an meas bainte dhíot. Budh mhór an lán agus an t-éighre anáirde a bhí fé tamall, is é atá go mín is go suaruighthe anois, gan réim, gan mhustar: caithte fé thóin cártaidhe. Dá raibh láithreach, is na sluaighte ann, níor chainntigh éinne é tá sé chómh suaruighthe sin: díblighthe: masluighthe.

suas: *d.bh.* cuireann in iúil gluaiseacht ó ionad níos íochtaraighe go hionad is uachtaraighe, athrughadh ar dhroch-aiste ar mhaith, do theacht i dtábhacht, i bhfás, i bhfeabhas, chun cinn, ar aghaidh, beó, i seasamh, anáirde. Nuair bhíos ag éirghe suas im ógánach: ag fás: ag teacht ionam. Na ba ag éirghe suas ar thaobh an chnuic: ag dul ó

ionad go hionad níos aoirde. Dubhart leis éirghe suas díom, go raibh sé ró-throm dom: an mheádhachtaint do thógaint díom. Aon lámh, dá mhéid meas a bhí aige air féin, ní fhéadfadh sé do dhéanamh díom, b'éigean do éirghe suas díom: staonadh de bheith d'iarraidh an láimh uachtair d'fhagháil orm. Druididh suas: níos giorra don teine. An té bhíonn suas óltar deoch air, an té a bhíonn síos luightear cos air: an té a bhíos go maith as bítear leis, an té ná bíonn bítear ina aghaidh. Aon luighe suain níor dhein sé airéir ag an síos suas a bhí air: úirleacan is dobuan. Muna bhfuil sé síos suas sa duine seo, tá sé siar agus aniar ann: ina aoirde, tá sé ina théagar ann. Dá mbeadh aon tabhairt suas ar na leanbhaidhibh níor ghábhadh dhóibh bheith ag brath ar dhaoinibh eile chun scríobhtha dhóibh: aon léigheann. Ní bhfuair sé an tabhairt suas ceart, dá bhfaghadh ní bheadh sé chómh droch-labhartha: an múineadh. Is oth liom a rádh nách eól dom connus é seo do dhéanamh, mar nár tugadh suas chuige me: ní bhfuaireas an oileamhaint. Ná cuir suas d'aonnidh gheóbhair ach bualadh: ná heitigh. An bhfuil an raga capaill sin ag cur suas do tharrac: diúltughadh dho. Síos seal agus suas seal, mar bhíonn ag furmhór an tsaoghail: tamallacha go maith is tamallacha go holc. Ní haon am stailce chur suas anois agat é, ar an nóimint dheireannaigh: diúltadh do dhul ar aghaidh. Ar do shon féin b'fhearr dhuit gan aon tsíos suas do bheith agat leó súd, ní maith an chuideachta iad: baint, conbharsáid. Cad é an síos suas atá ort ach suidhe in áit éigin: síor-chorruighe. Go dtí so bhíos boigéiseach leo, ach as so suas, bead chómh dian ortha agus is féidir do bheith: feasta. Budh mhór an réim a bhí fútha nuair bhíodar suas, agus budh dheacair labhairt leo: nuair bhíodar i gceannas. Ní rabhas suas le n-a linn, bhíodar san uaigh sar ar saoghaluigheadh me: ní rabhas ann. An bhfuil an tigh ósda úd suas fós?: ann is ag déanamh tráchta nó tógtha. D'aindeóin a bhfuil ráidhte ort agus an suarughadh do hiarradh a dhéanamh ort tá t'onóir suas: fé mheas. Go bhfágaidh Dia suas tu againn: go gcoimeádaidhe Sé beó thu is go gcuiridh Sé an rath ort. Nár fhágaidh Dia ná Muire suas é, an t-anchúinse: righe ná rath ná raibh air: nár mhairidh sé. Bíonn sé ghá dhéanamh suas leis gach éinne: d'iarraidh bheith muinnteardha leó. Nuair chonnaic sé mé tháinig sé suas chugham: fém dhéin. Thairng sé suas a bhróga, muilchirtidhe a léine, etc., air: d'fheistigh. An diabhal buidhe féin ní thiocfadh suas leis, tá sé chómh glic sin: ní bheadh maith a dhóthain do. Bhíos ar mo chroidhe díchill d'iarraidh teacht suas leis, ach bhí sé ró-mhaith sa tsiubhal dom: breith air. Dá bhféadainn teacht suas leis an airgead cheannóchainn bád gleóidhte seoil: é do shroichstint, greim d'fhagháil air. Nách dóigh libh ná go bhfuil sé suas le ham codlata: i mbuille leis: i ngiorracht do. Tá sé suas lé dathad bliadhain ó phós sé: tímcheall air. Ní leigfinn do dul suas ar fad orm, dá mbudh me thu, budh mhaith an rud smut: a thoil d'imirt orm: pé rud budh mhian leis do dhéanamh liom. Cheannuigh sé an áit is chuir sé suas ina dhiadh san de: dhiúltuigh sé do n-a mhargadh do sheasamh. Ní chuirfeam suas ded chuideachtain in ao'chor, den mbreis atá gnóth againn: ní dhiúltócham di. Chuirfeadh an cogadh stoc suas dar lé feirmeóiridhibh ina thuis: d'árdóchadh an luach ortha. Is é an diabhal atá ghod chur suas má bhíonn aon bhaint agat leis an mbitheamhnach san: ag spriogadh fút. Ná bí d'iarraidh mise do chur suas cun bruighne mar ná foidhneóchainn é: do spriogadh. Is fada me ag cur suas leis an aindeis: ag bruic léi: fulang le. Cuir suas an clog san, tá sé mall: cur chun cinn ar an am ceart é. Chuir sé suas an áit orm: é bheith ceannuighthe aige agus annsan gan a mhargadh do chóimhlíonadh. Chaitheas suas an áit ortha, ní rabhas ábalta ar ghabháil tríd: thugas dóibh fé n-a stiúrughadh é. Chaitheas suas an bheart, níor thaithnigh sí liom: thréigeas í. Tá sé lán suas chun báistighe: an spéir trom, scamallach. Ní fhéadfadh sé a thuilleadh d'itheadh, tá sé lán suas: a choiscthe caithte

aige. Ná spriog me, a bhean, tá árd-chur suas ionat: chuirfeá cathughadh ar éinne. Is mór an cur suas a bhí air is a rádh go ndeárna sé rud chómh hait leis: deineadh an-spriogadh air. Leanann an achrann an deoch do shíor, tá an diabhal féin do chur suas innte: greannughadh, gríosadh, spreagadh, brostughadh. Dhéanfadh duine rudaidhe aite mar a mbíonn mná i dtreis, tá cur suas ionta: bhrostóchaidís daoine chun gnímh. As féin do dhein sé é gan aon chur suas: saighdeadh ná spriogadh. Le linn cogaidh téigheann go haonnidh suas: árduigheann an luach ortha. Ní raibh an ghrian suas nuair éirigheas indiu: ina suidhe: le feicsint. Caith suas na mion-airgeadaidhe sin atá agat orm, féach cad é an méid é: dein an tsuim díobh: cuir ar a chéile iad. Cé fhánfaidh suas anocht, bhíos-sa suas airéir, ag tabhairt aire don nduine breóidhte: ag déanamh áirneáin. Tá aimsir na bó suas gamhain do bheith aice: caithte: a hionbhaidh tagtha. Is cuma mar gheall orm-sa anois, tá mo shaoghal suas: mo ré caithte. Ní fada ná go mbeidh m'aimsir suas leis an obair seo: an sprioc-lá tagaithe. Chaitheas an saoghal suas liom féin, ná raibh sé chómh maith agam, cad bhí buaidhte agam lé bheith ag déanamh buadhartha: chlaoidheas lém chlampar. Caithidh suas an deoch san, is bíodh ceann eile againn: ólaidh í feasta. Caith suas thu féin ar Dhia: fág thu féin fé choimirce Dé. Maoidheann an Ghearmáin go bhfuil sí ullamh suas aon am dá namhaid ucht eile catha do dhéanamh: réidh, oireamhnach chun dul ina dáil. Chómh luath is bheidh an tigh ullmhuighthe suas aca dhúinn ragham chun cómhnaidhthe ann: feistighthe: cóirighthe. Ullmhuigh suas chun bóthair thu féin: cuir thu féin i dtreó gluaiste. Déin suas an táille go ndíolad thu: déin amach an tsuim atá ag dul orm. Coimeád suas do chroidhe: ná leig in ísle bhrighe thu féin. Coimeád suas an bád: congaibh a tosach i gcoinnibh na gaoithe nó taoide. Tá déanamh maith líomhtha ar an mbád, raghaidh sí suas ar an ngaoith: fanfaidh sí dlúith uirthi: ní bheidh sí ag tuiteam cliathánach. Fan suas ar an ngaoith: níos géire uirthi. Coimeád suas do mheisneach: cothuigh é: ná caill é. Ó táim dulta an fhaid sin ar an gcúrsa, ní maith liom tarrac suas: cúladh: staonadh. Tairng suas: stad. Má leanann sibh ar an mbeathuisce sin cuirfidh sibh caoir suas: beidh sibh ar meisce. Tabhair suas, táir traochta: géill, stad. Dá fhaid a théigheann duine caitheann sé tabhairt suas sa deireadh: géilleadh, stad. Tugaim suas duit é mar fhear, is beag a shaoilfeadh go raibh an oiread mianaigh ionat: éirighim as, níl faic lé rádh agam. Ar an mbeart lé gráineamhlacht do chonnac dhá dhéanamh aige an lá úd thugas suas do riamh ó shoin é: níor fhan aon amhras agam air le n-a olcas. Tugaim suas duit é mar dhuine, ní raghadh aon rud díot: fágaim, a bharr, an buaidh agat. Bhuail droich-shín an churadóireacht luath san mbliadhain, is ní tháinig sí suas riamh ó shoin: ní tháinig chúiche féin. An bhfuil aon teacht suas ón mbochtanacht dhá dhéanamh aca?: aon fheabhas ag dul ortha. Níl aon teacht suas ón mbreóidhtigh dhá dhéanamh aige: aon fheabhas ag teacht air. An ndéanfaidh an Rúis aon teacht suas?: an dtiocfaidh sí chúiche féin?: an raghaidh sí chun cinn? Thugas an taobh síos suas den dtigh ar lorg an airgid: chuarduigheas gach aon pholl is póirse dho. Tá an taobh síos suas díom anois agat: tá pé rud is mian leat déanta agam: táim thar fóir agat. Nuair chonnac an sluagh go léir bailighthe d'imthigheas d'fhéachaint cad bhí suas?: cad bhí ar siubhal, bun os cionn, etc. Ná bac san má tá crot olc ar an saoghal féin cuimhnigh an té a bhíos síos indiu go mbíonn sé suas ambáireach: ar barr: an buaidh aige. Ní bhíonn íseal ná uasal ná bíonn síos seal is suas seal: a lá is a thráth féin ag gach ndaon. Dar leat go bhfuilir go maith, agus táir, ach tá súd suas leat: maith do dhóthain duit. Dá mbeidís suas lé chéile ní fheadar ceaca dob fhearr: i gcomórtas. An bhfuilir suas fós leis?: bhí mórán eaga aige ar cóimhrian leis. Cuir suas an scian nó déanfair díoghbháil léi: cuir as do láimh í. Ní raibh aon choimeád suas ar

an dtigh ó tógadh é is bhí sé ag dul i léig gach bliadhain: aire do thabhairt do chun é do bheith ar aiste mhaith. Bíonn an iomad oibre agat ar an gcapall san is gan coimeád suas ceart: marthain cheart dhá thabhairt do: cothughadh a oirfeadh do. Ní choingbheóchadh an méid sin airgid suas me féin agus mo mhuirear: ní chothóchadh. Ní choimeádfadh an clár san suas thu: bhrisfeadh sé fút nó shúncálfadh sé fút. Droch-rothanna iad san, ní choingbheóchaidís ualach trom suas: stríocfaidís fé. Cé leag suas an cailín?: a thug clann di: a rinne clann toghartha léi. Tamall bhíodh trácht mhór sa tigh ach nuair tháinig an dubhluachair air briseadh suas é: cuireadh deireadh leis. An bhfuil an taoide suas anois?: árd. Níl neach sa tigh seo suas fós ach mise: ina suidhe. Ná beir ar mhuineál mar sin air, tabhair eaga dho: ná tair grod air: ná bí ró-dhian air. Chuir rud éigin breith suas ar m'ucht: greim anáile: tachtadh: múchadh. Tóg suas!: árduigh do chosa, do chorp, etc. Beireann a chuid oibre síos suas an dúthaigh é: ar a fuaid ar fad. Roimis an gcogadh bhíodh áthraighe síos suas lasmuigh annso: ó thuaidh is ó dheas. Tá an dúthaigh go léir suas anois, tá fonn uirthi rud éigin do dhéanamh: éirighthe lé suathadh. Níl sé chómh hárd leat ach raghadh sé suas go maith ort: shroichfeadh a cheann tamall maith anáirde ar t'aoirde. Dá mbeadh púnt agat nó suas leis déarfainn go mbeadh do dhóthain: i ngiorracht do. "Ghaibheas suas an casán is ghaibheas anuas an casán is thugas an casán ar mo dhrom liom" – dréimire. Tugadh suas dos na gárdaidhibh me: tugadh im bhráighe me. Nuair chonnac an chonntabhairt, thugas me féin suas do Dhia: chuireas m'anam ar thoil Dé. Shín sé suas liom: tháinig sé ar chóimhrian liom. An dá uaigh sínte suas lé chéile sa roilig: taobh ar taobh. An dá fhoirinn amuigh ar an bpáirc sínte suas lé chéile: curtha lé chéile chun imeartha. An dá nádhbhóig sínte suas lé chéile (rás): ar chómhuisce: cómh-tharrac. Ól suas an deoch san faid bheidh sí te: caith siar í. Suas orm atá an galar tímcheall mo chroidhe nó as san go dtím cheann. Suas an staighre leis: d'imthigh sé anáirde, nó cuirtear anáirde é. Beidh muileann dhá chur suas an tseachtmhain seo chughainn ann: dhá thógáil. Prioc suas tu féin ná tuit in ísle bhrighe mar sin: múscail: cuir anam ionat féin. Croith suas thu féin, a dhuine, ná leig tú féin ar lár mar sin: caith dhíot pé ísle bhrighe nó buadhairt atá ort. Go dtí go raibh an dathad sroichte aige bhí sé cáileamhail, as san suas ní raibh maith ná brigh ann: as san amach. Nuair bhíonn an droichmhianach suas ann seachain thu féin air: nuair bhíonn sé tógtha. Bhí an ré is na réalta suas, is níor chlos fuaim tuinne ná trágha 'na suidhe, ar an spéir. Bailigh suas do sean-bhranngóididhe is bailigh an bóthar: cuir lé chéile iad is cuir díot go pras.

suasán: *f.1.* stuaic, mothal, téadán ruaimnighe. Bearraidh an suasán cinn sin, táir id sheódh aige lé faid is aindeise: ceann mothalach. Fear gan puinn scabháird atá ann, níl oidhre air ach suasán stuaicín: féasóg, féirín tirim, suarach. Tugann téadán suasáin árd-chaitheamh uaidh: ceann ruaimnighe. Seo chughainn Tadhg an tsuasáin: gliobach, fad-fholtach.

suasánach: gioblach, mothalach. An ceann suasánach atá air níor cíoradh ná níor scuabadh leis na bliadhantaibh: giobalach, stroilleach, mothalach. Suasánach mná ná nigheann is ná cíorann í féin is is aindeis a bhíonn a cistinn: bean mhanaoiseach, neamhghlan. Suasánach garsúin go mbíodh clódh salach aindeis ar a chuid leabhar is air féin ar scoil: neamh-chríochnamhail, neamhghasta.

suathadh: *f.* (*-aithte*) cur trí chéile, fuinneadh, meascadh, mearughadh, corruighe, ionfairt, crothadh, criathairt, tuargaint. Tháinig suathadh ins an bhfarraige is níor fhan cuma ró-mhaith uirthi chun gluaiste: corruighe tarraic. Thug an ghaoth suathadh don gcoirce: corruighe agus crothadh a dhein bascadh dho. Ná déin aon tsuathadh orm anois faid bhead ag léigheamh, nó cuirfir amudha me: corruighe: cur isteach. Deirtear go mbeireann suathadh aigne ar an té a bhíos ag síor-ghabháil do leabharthaibh: strus agus mearbhall. An oiread san daoine d'iarraidh dul isteach in aonfheacht go rabhadar ag suathadh a chéile: ag sáthadh is ag brughadh is ag ionfairt. Fuair mo phutóga suathadh uathbhásach nuair leagadh leis an ngleann me: baineadh corruighe agus tuargaint asta. Bíonn suathadh cinn ar dhuine a bhíos ag síor-choimeád chúnntaisidhe: buaidhreamh. Fé láthair tá suathadh uathbhásach ar fuaid an domhain uile ag an gcogadh so: buadhairt aigne agus tuargaint. Ní rug aon tsuathadh riamh air, ní hiongadh cuma óigíneach do bheith fós air: aon chorruighe ná strus cuirp a ghoillfeadh air. Lé duine a bhíos ag déanamh clampair nó buadhartha, deirtear: 'is mór an suathadh é' nó 'tá suathadh ann'. Dá fhaid bheifeá ag suathadh an scéil seo, tá sé chómh hait, achrannach san, is ag dul i ndeacracht do bheadh: ghá chriathairt: ghá chur trí chéile ag lorg réidhtigh air. Ag suathadh an mhairtéil, na barrachta: ghá meascadh is ghá gcur trí n-a chéile. Gheóbhad amach fén aer tamall ag suathadh mo chuirp: mo bhaill beatha is mo ghéaga do luascadh is do chorruighe dá maith. Is minic minic do bhí dhá shuathadh is dhá luadh againn: bímíd ag cainnt is ag cur do chúrsaidhe trí n-a chéile. Dá gcuirtheá suathadh id ghnóth is gan bac lé gnóth an fhir thall is fearr agus is suaimhneasaighe do bheadh do shaoghal: suim agus áird. Ag suathadh an uachtair sa mheidir: ghá stialladh ó thaobh taobh. An bhfuil ball den ndomhan ná go mbíonn an cogadh dhá shuathadh ann: dhá luadhachtaint is tuairmidhe is argóintidhe dhá dhéanamh ina thaobh. Dá dtugtaoi an suathadh ceart ar na cártaidhibh ní bheidís ina mbailcínidhibh mar táid: cur trí chéile agus meascadh ní bheadh an oiread den ndath céadna i bhfochair a chéile. Cad é an suathadh so go bhfuil na daoine go léir bailighthe i dteannta a chéile ann?: corruighe: ionfairt. Ag suathadh an chíste: ag cur an taois trí chéile. Ag suathadh mo chuid éadaigh cnis sa dhramhlaigh: ghá gcorruighe is ghá n-ionfairt.

suathas: *f.1.* aiste shuaithte, corruighe is buaidhreamh, súgacht. Ná déin aon tsuathas dom, táim an-chúramach: aon rud a chuirfeadh as dom. Dá mbeadh Seán Buidhe ar lár, níor shuathas liom-sa san: níor bhuaidhreamh aigne. Is iomdha san suathas a bheireas ar dhuine a chaitheann sé do bhrughadh ar a chroidhe: nidh corruightheach. Thabharfá fé ndeara suathas dighe air: go raibh braon sa tsúil aige.

suathrán: *f.4.* buaidhreamh aigne, mearbhall, meadhbhán, mire. Ní fhéadfadh eolas cruinn a bheart do bheith aige is an suathrán meisce a bhí air: an oiread san corruighe agus mearbhaill. Thar éis me do leagadh d'fhan suathrán im cheann ar feadh i bhfad, thagadh grogaidhe tuitime ionam go minic: meadhbhán is mearbhall. Riamh ní fhéadfainn dul i ngiorracht do scéimh faille, suathrán ar eagla gur síos liom: meadhbhán cinn. Ag freagairt na gcruadh-cheisteann san ná tagadh aon tsuathrán ort: aon mhearbhall incheann.

subh: *f.1.* an sughadh láidir agus an suathadh a ghníos tarrac ar chladach, charraig nó cois talmhan; sughrac. Caith ólaidhe mhór aníos ar fad ar an dtráigh an sraice agus d'árduigh

an subh leis airís é: d'imthigh amach lé filleadh láidir na tuinne. Bíonn an iomad conntabharthach tímcheall fochaise do shíor, toisc an tsuibh: an sruthlam uisce ag gluaiseacht ina tímcheall go láidir tarraiceach. Bíonn subh i dtaoide aithbhe bhealaigh Dhún Chaoin: sughrac agus tarrac chúiche áidhbhéil. Nuair chidhtear duine ag ól dighe go tapaidh mar bheadh le híota deirtear, "is mór an subh é". Tá subh ina scórnaigh! sughrac: ólann sé go rí-mhear.

subh: *f.1.* caor, sughlach caor brúighte beirbhthe lé siúicre. Subh talmhan: toradh cumhra, blasta, soi-ithte. Crúsca suibh. D'íosfadh sé ar nós an tsuibh é: go blasta milis.

subhach: *a.* meidhreach, suairc, deigh-mhéineach, seascair. Duine subhach é siúd lé labhairt leis, is fada ó olc agus ó ghiorraisc é: suairc, loinneamhail, glionndrach. Sean-bhuachaill subhach ná cuireann aon rud dochma ná mairg air: sásta, girréiseach. Ise go subhach subhach is mise go dubhach dubhach: go meidhreach, suairc. Is subhach an croidhe ag an té go mbíonn gach nidh ag éirghe leis ar a thoil aige: fíor-shásta, áthasach. "Agus do ibheadar agus do bhíodar subhach aige" (Gen. XLIII. 34): bhí a meanma ar n-a tógaint. "Agus do chuadar amach annsna machairidhibh agus do chruinnigheadar a bhfíneamhain agus do bhrúigheadar na caora agus do bhíodar subhach agus do chuadar isteach i dtigh a ndé agus do mhulluigheadar Abimélech" (Breith. IX. 27): beódha, árd-spioradamhail. Ní bheinn chómh subhach dá mbeinn i bpálás an ríogh agus táim annso: chómh seascair, socair im aigne.

subhachas: *f.1.* áthas, lúthgháir, meidhréis, aoibhneas, subháilceas aigne. Budh bheag an subhachas a bhí aige go bocht, dealbh ameasc lán tighe aca is a sháthadh féin ges gach éinne aca chuige: an subháilceas, an tseascaireacht. Is tú atá gan subhachas leapan sínte ar an ladhar thuighe sin: subháilceas is seascaireacht luighte. Cuireann sé subhachas ar an uile dhuine thu do theacht chughat féin ón dtúm úd: aoibhneas ar a gcroidhe. Is ionann subhachas is dubhchas anois againn, tá an saoghal chómh dona san orainn: is mar a chéile linn brón nó áthas. Rud gan subhachas d'éinne díoghbháil na gcómharsan: fáth subháilcis. "An té do bheir foirceadal uaidh tugadh aire dá fhoirceadal; an té a roinneas an déirc roinneadh í maille ré neamhurchóid; an té aga bhfuil ceannas os cionn cháich, déineadh é maille ré dúthrachd. An té do ghní trócaire déineadh í maille ré subhachas": lé háthas. "An bhfuil éinneadh eadraibh ar n-a bhuaidhreadh? deineadh sé úrnaighe, an bhfuil subhachas ar éinneadh? canadh sé sailm" (Séamas V. 13): lúthgháir. "Bí croidhe an eagnaigh i dtigh na cumhadh, acht bídh croidhe na n-amadán i dtigh an tsubhachais" (Eccles. VII. 4): i dtigh na scléipe. "Annsan do mholas an subhachas, de bhrigh nách bhfuil nidh is fearr ag an duine faoi an ghréin ná ithe agus ól agus bheith subhach" (Eccles. VIII. 15). 'Lé gáirdeas cléibh ar aonach Chromadh an tsubhachais': mar a mbíodh caitheamh aimsire, sult is greann.

subhaidheacht: *b.3.* gáirdeas, lúthgháir, sástacht is aoibhneas aigne, meidhréis. Bainim subhaidheacht an domhain as bheith ag súgradh lé leanbhaidhibh is as a gcuid cainnte saonta: sult: sástacht aigne. Is beag an tsubhaidheacht a bhaineann sé as aonnidh a itheann sé, mar ná réidhtigheann sé leis: subháilceas. Scéal duairc go maith a bhainfeadh an tsubhaidheacht as a chroidhe: an leagadh is claonadh lé greann agus sult.

subháilce: *b.4.* buaidh, cómhacht, cáilidheacht, beith fé leith, lúthgháir, socracht aigne. Is mór an subháilce i dtigh an suaimhneas: bail is beannacht ó Dhia. Níl uaisleacht gan subháilce: feabhas croidhe is aigne. Na seacht subháilcidhe diadha, tuigsint, eagna, cómhairle, neart, eolas, diadhacht agus eagla an Tighearna. Cothuigheann Dia na subháilcidhe: an té go mbíd aige bíonn cabhair Dé. Subháilce ó Dhia dho an fhoidhne: beannacht: feabhas, maitheas. Subháilce seadh an umhlaidheacht nách furaiste do cheannach: buaidh nó cáilidheacht fé leith. "Agus do aithin Íosa ar an mball, an tsubháilce do dhul as, agus d'fhill sé ar an tsluaigh agus adubhairt sé, cia bhain rim éadaighibh?" (Mar. V. 30): cómhacht chun a tortha áirighthe do ghnóthughadh. "Achd is cineál toghtha sibh-se, sagartachd ríoghdha, cineadh naomhtha, pobal air leith; ionnus go bhfoillseócha sibh subháilcidhe an rí a ghoir sibh as dorchadas chum a sholais iongtantuigh féin" (1 Peadar II. 9): maitheasaidhe iongtacha. Roinneann Dia na subháilcidhe: buaidh don nduine seo is buaidh don nduine siúd.

subháilceach: *a.* sásta, soilbhir, maitheasach, cneasta, deigh-iomchair. Bí breágh, subháilceach anois, níl aon chall lé bheith achrannach, mío-shásta: suairc: cneasta it iomchar. "Agus anois, a inghean, ná bíodh eagla ort; do dhéanfa mise dhuit gach éinnidh a iarras tú; óir atá fhios ag cathair mo dhaoine-se uile gur bean shubháilceach thu" (Rút III. 11): cáidh. An bhean shubháilceach is coróin dá fear í: an bhean ghlan, cháidh. "Cé fhéadas bean shubháilceach d'fhagháil?" (Seanráidhte XXXI. 10): cáidh: geanmnaidhe. Lánamha shubháilceach seadh iad, ní cualathas focal goirgeach eatartha riamh: cneasta, lághach lé chéile. Is subháilcighe de chuideachtain go mór é 'ná éinne eile sa tigh: cneasta, so-chroidheach, gur fusa cóstáil leis. Lá an-neamh-shubháilceach a chaitheas, ag rith thall 'sabhfus ar nós an mhadra gan greim ná deoch: lá nár réidhtigh in ao'chor liom. Rinneamair cómhrádh subháilceach: cómhchainnt thaithneamhach. Is minic a bhí cú mhall shubháilceach: ádhmhar. "Táthaoi ann go subháilceach", lé cuideachtain a bhíos ghá n-aoibhneas féin.

subháilceas: *f.1.* sástacht, aoibhneas, cneastacht, sonas. Budh mhór an subháilceas ó Dhia dhóibh dá scaraidís gan teacht lé chéile arís ar an gclampar a bhíos eatartha: aoibhneas, sonas. Ní haon tsubháilceas dom aon rud do bheith ar neach dem chómharsain: sonas, sástacht aigne. Beidh sé de shubháilceas saoghail agam ach go háirighthe cead luighe is éirghe nuair is maith liom é: de shásamh aigne. Subháilceas don chroidhe seadh ceol maith: cuireann sé caoineas air. Subháilceas labhairt leis: taithneamh croidhe. Ní mór an subháilceas a bhain sé riamh as a chuid gan lag ar chois ná ar láimh leis ach an síor-shaothar: aoibhneas: aon rud do dhéanamh a chuirfeadh taithneamh nó sástacht air.

substainnt: *b.2.* fola, dlúthas, neart, brigh, tathnag; maoin, earraidhe. Brath idir do mhéireannaibh an t-éadach san, féach a thánaidheacht atá sé, níl aon tsubstainnt ann: tathnag, neart. Ní mór an tsubstainnt atá san uiscealach té seo: scabhárd. B'é substainnt a chainnte gur bh'fhearr leis go mór an dúthaigh seo fé chuing an allmhuraigh choidhche pé cion a leig sé air do bheith aige uirthi seo: brigh. Sé a bhfuil de shubstainnt saoghalta aige fagháltas beag talmhan: maoin. B'fhéidir ná fuil airgead tirim aige ach tá mórán substainnte ar an dtalamh aca: maoin: geall lé hairgead: stoc is toradh. Baintear mórán substainntidhe as an bhfocal gcéadna san: brigheanna. Cuireadh substainnt éigin sa

tsoitheach ná feaca riamh: fola: an t-adhbhar go raibh sé déanta de. Sin biadh ná cuirfeadh puinn substainnte in éinne: brigh: maitheas.

substainnteamhail: *a.* tathnagach, dlúith, bríoghmhar, neartmhar, maoineach. Fear substainnteamhail seadh é, tá sé os chionn a chumais go maith: tá maoin aige. Rud substainnteamhail lé n-itheadh seadh feóil mhaith: scabhárdach: bríoghmhar. Beir air sin mar éadach, is é atá go substainnteamhail: tathnagach, bríoghmhar, láidir fé luighe na méar. Tagann cainnt shubstainnteamhail ón nduine céadna i gcómhnaidhe: fuaimeantamhail, éifeachtamhail.

suc: *aintriath* glaodhach ar ghamhain; an gamhain féin. Suc! suc! Tá suc beag eile ar iarraidh: gamhain beag atá ghá thógaint ar bhainne.

sucaidhe: *aintriath* glaodhach ar ghamhain; gamhain; óltóir sanntach. Sucaidhe! sucaidhe! ná hólfá do chuid bainne. Is fada im bheathaidh dom agus ní fheacas fós riamh aon tsucaidhe is mó 'ná é, bheadh sé ag scaoileadh dighe siar mar thiocfadh sí air: suthaire ólacháin.

súd: (**siúd**) *f.a. foillsightheach* san, an rud, duine, etc. san thall, cheana, roimhe seo. Cá bhfuil súd? nách mithid do theacht?: duine go mbítear ag feitheamh leis: gurb eól cé dho go mbítear ag tagairt. An raghair annsúd airís?: áit éigin is eól don té go gcuirtear an cheist air, gan a ainmniughadh. "Bíonn sé ó mhuir is ó thír aige" – "so súd": an rud so is rud eile do chur ar a chéile. Nuair bhíonn so is súd agus súd is so chun duine: gach aonnidh beag is mór. Thairng sé so súd chuige: thrácht sé air gach aon rud gur bh'fhéidir leis. Dá ndéineadh sé so nó súd, ach ní dhéanfadh: aon rud in ao'chor. Beidh ar a dtoil féin ann, beidh so súd aca: cao is dul ar mhórán nidhthe. "Bíodh súd anois aige", lé duine nó rud go mbíonn, dar linn, lán ár dtola fachta aige. Siúd é an fear duit!: an té go bhfuil tagairt do is é atá ró-mhaith dhuit. Siúd ort (orainn): ólaimís sláinte. Siúd chugham é: rith sé chugham, sháthaidh sé chugham. Siúd chughainn aniar iad: táid ag teacht in ár dtreó go mear. Chuir sé an scian ionam, is siúd amach an t-uisce!: tháinig sé ina sconna. Faigh súd mo hata dhom. Dá mbeadh súd agam mo ghunna budh bheag é m'eagla. Cá bhfuilid siúd do chosa uait? Connus súd mar thárla sa chúirt duit?: innis go cruinn cad thárla. Siúd ag cainnt é chómh luath agus chuir sé an tairsing de: chrom sé ar chainnt go láidir. Siúd ag léimrigh lé holc é: d'éirigh sé ar a ingnibh deireadh gan aon mhoill. Siúd ar aghaidh sinn d'aindeóin na síne: treabhamair rómhainn go teann, láidir. Siúd ag marbhadh a chéile iad gan aon deallramh: chromadar ar a chéile go dian, dásachtach. Siúd agus gur tusa atá ann ní bhead chómh daor ar an earra: toisc gur thu. Siúd is go raibh an aimsir go maith agus síol maith ann ní tháinig toradh chómh maith san: cé go raibh na nidhthe fabhracha san ann. Dar so is súd go mbrisfeadh a bhfuil de chnámhaibh id chorp!: dearbhuighim. "Dar so súd, a bhitheamhnaigh", ar seisean: lé fonn díoghaltais, cúitimh, etc. B'fhada ag cothughadh an uilc dá chéile iad agus an túisce theangmháladar siúd chun a chéile iad: d'ionnsaigheadar go dásachtach. Siúd chun siubhail sinn fé dhéin an tsuaithte: d'imthigheamair go pras. Siúd chun bídh iad gach tráth is uair dá mbíonn ullamh: cromaid air gan ró-mhoill. "Ní stadfadh duit-se ná d'éinne eile" – "súd chuige thu mar sin, nár stadaidh ár ndícheall thu": dírigh air: seo leat é. Siúd lé chéile an bheirt: thosnuigheadar ar throid, ar argóint, ar chomórtas, etc. Siúd lé chéile an dá nadhbhóig: ag

rás. Baineadh a ghreim as siúd lé haill é!: d'imthigh lé fuinneamh dá aindeóin. Súd le buile é chómh luath agus chonnaic sé me: d'éirigh air gan mhoill. Siúd lé mnaoi fir eile: d'imthigh léi. Siúd lé sruth a raibh aige: leaghaidh sé: d'imthigh sé soir siar uaidh. Siúd ar a chéile agus ní scarfadh mo dhícheall iad: chasadar ar a chéile: throideadar. Siúd í síos an rí-bhean áluinn, óg, etc.: sin í le feicsint í in achar. Siúd fén mbóthar sinn in ainm Dé: bímís ag cur dínn. B'shiúd fén dtigh é: d'imthigh sé de thapaidhean go fuadrach fé n-a dhéin. B'shiúd fén dtigh é: ghá chuardach: rith sé thall 'sabhfus ann. B'shiúd an namhaid in aon oidhche amháin fén ndúthaigh: do scaip is leathanuigh. B'shiúd ón dtigh é is strán buile: d'fhág de gheit. Siúd is ná fuil puinn de shubstainnt an tsaoghail aige níl sé suarach ná sprionnlaithe: d'aindeóin. Gan súd umá so d'fhagháil ní bheadh sé sásta: gach aon rud. Siúd ina chéile an dreóilín 'sa chlann: mheascadar trí chéile. Siúd im fhochair go Corcaigh gan aon tafant: de phreib ghluais.

súdaire: *f.4.* tnúthán, bladaire, meallaire. Mheallfadh an súdaire úd a tharr ón seangán, féach mar gheibheann sé gach aonnidh bhíonn aige dhá lorg: meallaire milis. Thiocfadh an súdaire úd abhaile is a bholg lán de dhigh nuair thiocfadh duine eile is tart air: tnúthán: duine a bhíos ag snamhaireachta chun a choda d'fhagháil. Gcloistí an moladh atá ag an súdaire orm? cad a bheadh uaidh anois?: bladaire: duine milis-bhriathrach ar son a thairbhe féin. Is ró-bhreágh an súdaire thu, ar do bhéal anois, budh dhóigh le duine ná raibh mac mo shamhail sa domhan uile: bladhgaire bladaireachta.

súdaireacht: *b.3.* bladaireacht, meallaireacht, tnúth. Aon chabhair ní headh dhuit bheith ag súdaireacht tímcheall na conntabhairte (conntabharthach) seo, blaiseadh do bhéil ní bhfaghair: ag slíománaidheacht go bhfaghfá deoch in aisce. Mo thuairm ná faghaidh do chuid súdaireachta faic duit, tá daoine dulta amach ar do bhláth-chainnt: briathra mílse taithneamhacha molta ná labhartar lé dáiríribh. Bheith ag súdaireacht.

súgh: *f.* (*-uighte*) tarrac, meallaireacht. Bíonn súgh an domhain i saoghal na cathrach do lucht tuaithe: cómhacht ar ghean do thabhairt aca uirthi di. Is mór go léir an súgh atá innte, níl aon amhras ná gur breágh an bhean í: taithneamh chun breithnighthe na ndaoine do tharrac uirthi: mian a téarnuighthe do ghríosadh i ndaoine trí shuim, thuath, nó áird. Súgh mór do dhaoinibh áirighthe ceól: é de bhuaidh aige daoine do bhailiughadh ina thímcheall lé suim nó aoibhneas. Bíonn an oiread súigh san úr bhuidhe go ndéintear gach saghas corta ar a shon: cómhacht mheallta chómh láidir sin ann. Nách i ngal tobac do bhíonn an súgh do sheandaoinibh, raghaidís fén roth chuige: geineann sé an oiread dúlach agus mian ionta.

sugh: *f.3.* brigh, sughlach, an choigilt. "Má bhíonn tú súighte, brúighte, marbh, tnáidhte ó shugh na n-ubhall gcumhra 'san leanna láidir etc.": an deoch a fáisctear asta. Is é sugh brollaigh do fuair an bitheamhnach é: bainne cích. Sugh maith sugh na bó beó nó marbh: a cuid bainne is í beó, a cuid súip is í marbh. Déarfainn ná bacfá-sa thart é óir is glas é a shugh dhuit: beagthábhacht. An rud sprionnlaithe ar gach cuma go dtí ambáireach níl ann ach sugh na táire: cradh, mianach: fáscadh an dríodair. Sugh an chrainn: an sughlach: an silteach, teibirsneach.

súgach: *a.* meidhréiseach, soilbhir, áthastamhail, girréiseach, suairc. Ní fuláir nó bhí cuid mhaith caithte aige mar bhí sé súgach go maith, gan aon rud dá thaidhbhreamh do ach damhas is amhráin: meanma mheidhreach aige. Bail ó Dhia oraibh, táthaoi go súgach i bhfochair a chéile: soilbhir, suairc, sona. Fear breágh súgach é sin chun dul chun cómhráidh leis: cneasta, gealgháirteach, deighmhéineach. Is súgaighe bhíonn sé go mór ar mheisce ná ar a chéill: is soilbhre: is greannmhaire agus is cneasta ina aigne. Ní súgaighe in Éirinn é: níl duine is sona ná is sásta. An diabhal ortha! corp teasbaigh atá ortha san, ní bhíonn siad ró-shúgach le chéile: muinnteardha. "Agus do shuidheadar síos agus do chaitheadar biadh agus deoch araon a bhfochair a chéile: óir adubhairt athair an chailín ris an óglaich, guidhim tu bí suaimhneach, agus fan anocht agus bíodh do chroidhe súgach": suairc, meanmnach, gealadhramach. Níor cheart dho san mórán d'ól, ní deacair é do chur súgach: ar meisce, i slighe is go n-aithneófá é. Nách breágh an rud a bheith súgach: braon do bheith caithte ag duine is bheith meanmnach. Tairngeóchaidh an t-asal go súgach an t-ualach: go neamhthuiseach, gan fonn stailce. Dá mbeadh sí ar an mnaoi is goirgighe in Éirinn, tá aghaidh shúgach uirthi: ghealadhramach, sholasmhar, shoilbhir.

sughach: *a.* lán de smior, de lacht cuirp, saidhbhir, méitheamhail. "An fheóil chómh sughach san", ars an craosaire, "go leighfeadh sí id bhéal": lán de mhéathras. Crann ná fuil sughach is atá ag dreóghadh: ná fuil aon tsughlach fanta ann. Ubhall sughach: lan de smior nádúrtha.

sughach: *a.* lán de shughadh, salach, dorcha. Is é an tigh sughach atá agaibh, lán de dheatach de ló 'gus d'oidhche: lán de theimheal an tsughaidh. Cad a chuir an aghaidh shughach agat?: dubh ó smúit deataigh, etc.

sughachán: *f.1.* sughrac, tarrac isteach, deóladh. Is mór an sughachán atá ag an simné sin, an gcloisir an glór atá tríd anáirde?: an tarrac fuinneamhail. Páipéar sughacháin: páipéar a ghlacann cuid de lacht dubhaigh na scríbhinne. Is ag sughachán bhíonn an t-imléad ar a bheatha: ag sughrac ar an rud go maireann sé air: an smior do tharrac as. An mbíonn sé ag sughachán fós, innis dom: ag ól gan a thréigean.

súgachas: *f.1.* ann as mearbhaill dighe; suairceas, soilbhreacht, meidhir, seódh, lúthgháir. Duine gan aon tsúgachas seadh é lé fada, d'éirigh mórán mísheól don aindeiseóir: aigne dhuairc gan bheith leagtha lé greann ná seódh. Ní hameasc bruighne ná achrainn do gheóbhair choidhche é ach ameasc lucht súgachais: mar a mbíonn scléip is caitheamh aimsire: suairceas: meidhréis: greann. Um an dtaca san, mar bhíomair ag ól ar feadh i bhfad, bhíomair ag druideam lé súgachas mar bhí an chainnt 'san chiall ag leathadh orainn: mearbhall dighe do bheith orainn. "Annsa gháire féin bhí an croidhe dubhach, agus is é críoch an tsúgachais sin dobrón" (Seanráidhte XIV. 13): lúthgháir is gealadhram. "Gáirdhigh, a dhuine óig, it óige, agus cuireadh do chroidhe súgachas ort a laethibh t'óige agus siubhal a slighthibh do chroidhe agus a radharc do shúl, etc.": áthas, subháilceas is greann.

sughadh: *f.1.* fola dubh-slámach nó mín, toradh ceal dóghadh iomláin adhmaid, móna, guail, etc., agus a thuaras i simnéithibh etc. An rud sughaidh, ní fheicfeadh sé a chroidhe

dá mbeadh sé ar a bhais aige, tá sé chómh sprionnlaithe sin: duine táir. Fan uaim, táir lán de shughadh!: táir salach. Léan ortha, ní raibh riamh aca ach an bothán sughaidh: salach ón sughadh. Béile shughaidh a bhí agaibh má bhíobhair ag brath ar an mbeagán san: nár mhór dob fhiú í. Ní lugha liom an sughadh 'ná é mar fhear, ní fheaca riamh lúth ná preab ann: is cuma liom cé bhuailfeadh liom ach gan é. Dhein sé beart shughaidh orm, d'eitigh sé me is gan aon chall aige leis: suarach, sprionnlaithe. Beidh boladh an tsughaidh uait má fhanair ró-ghearrid don adharta: boladh gránda. Ní raibh ball sughaidh ar fuaid na háite: an-ghlan. Fuair sé boladh an tsughaidh uait, sin é fáth nár dhein sé conbharsáid leat: meas táir aige ort toisc t'iargcúlachta, do chlóidh nó t'aiste ameasc daoine.

súghadh: *f.1.* (-úighte) sughrac, ibheadh, tarrac lé neart air, fáscadh, subh na taoide ar chasadh amach. Ní fada ó bháistigh é, tá an lá ag súghadh chuige: pé gaoth atá ann ag imtheacht is an bhróin scamall ag bailiughadh chúiche. Is salach an leanbh é ag súghadh chuige i gcómhnaidhe, ag tarrac smugaidhe suas trí n-a shróin. Ar bhuidéal duibh do bheith gan corc nó clúdach bheadh sé ag súghadh as: d'imtheóchadh an bhrigh, an smior, as. An neart dhá shúghadh asam ag dian-shaothar: dhá tharrac asam lé fóiréigean. D'árduigh súghadh na trágha leis an corp síos den gcladach: filleadh na taoide. Bíonn mo chasóg ag súghadh an uisce go mbíonn sí chómh trom is gur deacair dom a hiomchar: ag tarrac isteach innte. Páipéar súighte: súighteán, páipéar a ghlacas is a ghabhas dubhach. Dá bhfeicinn dathad uair ist ló é is ag súghadh siar do bheadh sé: ag caitheamh bídh. É annsúd ag súghadh chuige lé corp uilc is droich-mhianaigh: luas anála air go raibh sé ag tarrac chuige a's a chuinneann ag borradh 'sag tuiteam. An bhrigh dhá shúghadh siar asam le strus ceart: an neart dhá chlaoidheachtaint ionam. Leathar gan mhaith atá id bhrógaibh beidh siad ag súghadh an uisce: ghá ghlacadh is ghá ghabháil. Cuir na stocaidhe ar súghadh in uisce is galbhúnach ortha thar oidhche: ar bogadh. Beagán súghaidh atá ag an simné sin, an fáth go bhfuil an oiread deataigh ar fuaid an tighe: slighe tarraic, slogadh. Cuirtear leóin ar bhrughadh chun a shúighte: an fhuil bhrúighte do bheadh ann do dheól is do dhísciughadh.

súgaidheacht: *b.3.* meidhréis, girréis, subháilceas a leanas deoch. Má leanann súgaidheacht an deoch leanann clampar is iomard í: is minic achrann is breóidhteacht ina diaidh. Bíonn sé ag rinnce 'sag geáitsidheacht lé súgaidheacht: leis an meidhréis croidhe do chuireann an deoch air. Cé raghadh chun achrainn ná chun ciotarúntaidheachta lé héinne go mbíonn an oiread súgaidheachta ann: subháilceas croidhe.

sughaim: (**súghaim**) *b.a. 7 n-a.* tairngim chugham m'anál, sughracaim, slogaim, deólaim. "A rud shalaigh, sin é, súigh suas i gcómhnaidhe", lé duine go mbíonn smugaidhe air agus in ionad a shrón do ghlanadh a thairngeas trí n-a chuinninn iad. Do shughadh an oll-phiast chúiche agus shéideadh uaithi crainn na coille trí n-a cuid sranntaraighe: thairngeadh neart a hanáile chúiche iad. Shughaidh an taoide chúiche na líonta gur thairng isteach ina lár iad agus an bád in aonfheacht leo: go mall shughraic sí iad. Shughfadh an leanbh a bhfuil d'oráistidhibh sa tsiopa: thairngeóchadh an sughlach asta. Sughann droich-leathar an fliuchra: tairngeann isteach ann is coimeádann. Shughfadh sé a bhfuil de dhigh sa bhaile mhór: d'ólfadh. Leis an mbladhar atá ag an siopadóir sin sughann sé chuige muinntear na tuaithe: bailigheann. Leis an dteas sughann an taisreacht as an éadach: imthigheann as ina ghal. Shughfadh truime an éadaigh an t-anam as dhuine

lag: thairngeóchadh sé an bhrigh as. Shúghfainn sughadh im bhéal níos túisce ná chaithfinn mo chuid aimsire ag éisteacht leat: bheinn ghá shughrac agus ag baint an tsughlaigh. An áit chómh bog a's gur sughadh síos: tairngeadh. Dá mbeadh píp lán de thobac aige shughfadh sé an tón tríthe siar: d'ólfadh sé a mbeadh innte. Sughadh síos ar tóin puill é: tairngeadh síos é. Seachain thu féin ar an bpoll guairneáin nó shughfadh síos thu: thairngeochadh. Ó bheith ag obair fé theas na gréine sughadh an t-anam asam: d'imthigh an neart is an bhrigh asam leis. Ní hiad na toitínidhe is measa ach bheith ghá sughadh: ag tarrac an ghail trís an sróin. Díreach agus é ar tí ruda éigin do rádh do mhachtnuigh sé agus shughaidh sé chuige: chúb sé.

sughaire: *f.4.* león, poll guairneáin, féith (thalmhan); aon rud a thairngeas chuige; duine leisceamhail, dochmamhail. D'ólfadh an sughaire a bhfuil de dhig sa tábhairne: duine a bheadh ghá ól mar bheadh súighteán ag glacadh dubhaigh. Sughairidhe an tráigh úd ó cheann ceann di, áit an-chonntabharthach í: poill guairneáin. Bheadh an sughaire sin ag dul isteach id bhéal go bhfaghadh sé rud uait: duine suarach gan fearamhlacht. Bheadh rud déanta agat faid bheadh an sughaire sin ag féachaint air: duine gan anam, gan fuinneamh. Léan air an sughaire, níor labhair sé focal, mar ná raibh sé de mheisneach aige: rud meathta.

súgaire: *f.4.* duine greannmhar, sultaire, ceap seóidh. Thar a raibh de dhaoinibh ar an gcóisir ní raibh aon tsúgaire eile ann ach é, dúra dara go héinne eile aca: duine a bhíos meidhreach, sultmhar. Déineann súgaire ar fad de nuair bhíonn braon caithte aige, mara mbeadh agat ach aon gháire amháin dhéanfá fé n-a ghothaidhibh é: fear seóidh.

sughaireacht: *b.3.* sughrac, tarrac isteach anáile; righneacht is leisce. Tugann sé an lá ag sughaireacht ar an bpíp is gan faic innte: ag tarrac an aoir in ionad gail trí n-a cois. Cad a thugann ag sughaireacht tímcheall an bhaill seo thu?: ag lorgaireacht. Ní fhágfaidh an tsughaireacht choidhche é, ní bheidh sé ina fhear in aon áit dá ngeóbhaidh sé: sprionnlaitheacht agus neamh-fhearaidheacht. Sughaireacht cainnte í sin go mbeadh náire ar dhuine mheastamhail í do bheith aige: cainnt a bheadh ag meathtach. Cad í an tsughaireacht atá ort, ach má táir chun aonnidh do dhéanamh déin é: cnáimhseán is leisce. I gan fhios duit is mó do dhéanfadh sé rud, mar ná deaghaidh an tsughaireacht amudha riamh air: an sprionnlaitheacht croidhe agus an tsuaraidheacht.

súgaireacht: *b.3.* do dhéanamh súgraidh, grinn, aoibhneasa. A chailín, tóg mo chómhairle ná déin aon tsúgaireacht lé cladhaire mar é choidhche: súgradh: ná leig do bheith ag imirt cleas ort. Is baoghal duit an iomad súgaireachta do dhéanamh leis an ngloine: bheith ag tógaint na breise aiste: blaistínteacht leis an ndigh. Lé súgaireacht a bhí sé ag amhrán: leis an meidhréis do chuir an deoch mhearbhaill air.

súgán: *f.1.* téadán casta de thuighe nó d'fhéar; duine neamh-ghníomhach. Thug a bhean taobh na súgán den dtigh do: chuir sí amach é: dhíbir as an dteaghlach é. Ní mór an tafant budh ghábhadh dho, thairngeóchadh súgán sneachtaidh ann é: aon duadh ní bhfaghfaoi as a mhealladh ann. Cad a dhéanfadh an súgán san? cá bhfuil an spirid ná an fuinneamh?: duine gan aon anam. Súgán brághad: "coiléar" capaill, déanta de thuighe nó d'fhéar. Seo chughainn bacach na súgán: duine ná beadh aon chlódh air mar bheadh a chuid

balcaisidhe dhá choimeád uime lé súgánaibh. Níl an súgán féin ar an dtigh aige: níl clódh ná deallramh feistighthe ar a thigh ná ar aon rud a bhaineas leis. Ag leigeant shúgáin: ag cur na dtáitheann in ionad don té a bhíos ag casadh. Bhéarfadh súgán gainimhe ann thu, admhuigh é: aon chúram beag in ao'chor. Níl neart súgáin cátha ann: fann, lag.

sughlach: (**súghlach**) *f.1.* brigh lachta aon ruda, lionn, tútar; aon teibirse nó lacht go maireann ainmhidhe nó duine dá bharr. Sughlach ubhall: an deoch do baintear asta. Sughlach an bhuaile: an draoib ghorm a ritheas as an aoileach. Dhe, mhaise, tá neart sa bhfeóil seo ar an sughlach atá ag teacht aiste: an rith lachta a bhíos aiste lé méitheas. Nuair imthigheann sughlach as an gcrann dreóghann sé. An t-airgead do fágadh lé hudhacht aige bainfidh sé sughlach as: an méid aoibhnis is subháilcis is féidir leis do bhaint as a chaitheamh. Bíonn eagla aige roim bhreóidhteacht fharraige, cuireann sé sughlach buidhe na gcaolán amach léi: lionn goile. Nách é an craosaire ag itheadh é, bíonn sughlach siar go cluasaibh air: tútar: an lacht a fháisceann na fiacla as ghá chogaint.

sughmadh: *f.* (*-mtha*) sughrac, deól. Sughmadh a dhéineann an t-imiléad ar a bheatha: is amhlaidh a bhailigheann leis ina scórnaigh é i ndiaidh a chéile in ionad a ghreamuighthe is a shlogtha. Ní ró-fhonnmhar do chuireann sé chun a dhighe, ag sughmadh uirthi bhíonn sé: ghá deochadh go mall. Ag sughmadh leis an mbiadh: ag itheadh go mall neamhfhonnmhar.

sughmadóir: *f.3.* folascán, frog óg ar mbeith ar aiste éisc do; duine mall, righin, neamh-anamamhail. An poll lán de shughmadóiridhibh, nách gránda an clódh atá ortha. Beidh feitheamh fada ar chosaibh laga agat ag fanacht leis an sughmadóir úd: duine leasc, righin gan fuinneamh. Sughmadóir capaill ar bóthar atá ann, ní bheadh aon aistear cóir déanta choidhche aige: ainmhidhe nách féidir siubhal do bhaint as. "Cé déarfadh go mbeadh sa tsughmadóir", lé duine gan lúth gan anam a ghníos beart mhaith gan choinne. Ní thaithnigheann sé liom in ao'chor an sughmadóir sin a bheith tímcheall an tighe seo, cad bhíonn uaidh?: duine a ghníos righnidheacht ná beadh focal puinn as is go gcaithfí amhras air lé n-a dheallramh. Cé aige go mbeadh clann? ag an sughmadóir sin?: duine ná bíonn sé de chrot ná de chlódh air bheith gníomhach.

sughmadóireacht: *b.3.* mall-ghluaiseacht, righneadóireacht, neamhthapamhlacht. Ní hag sughmadóireacht leat do bheadh sé siúd ach tarrac treasna an phuis ort: ag bruic i bhfad leat. Luathuigh, corruigh do chos agus cuir uait an tsughmadóireacht, budh dhóigh lé duine ort nár ithis greim lé seachtmhain: righneas agus neamhfhonn. Bead ag sughmadóireacht rómhat ar an mbóthar, féadfair teacht suas liom: ag gluaiseacht go hanmhall. "Táthar ag dul chun sughmadóireachta", deirtear nuair bhíonn laige ag dul ar iarracht a thosnuigheas go láidir.

sughmaim: *b.a.* súghaim, deólaim, deochaim, sughracaim. Idir ghal tobac agus scríobh do sughmann sé a bhraon dighe go subháilceach: braoinín anois agus braoinín arís. Casóg olna is nuair shughmann sí an t-uisce bíonn an-throm: sughann: glacann is coingbhigheann.

sughmaire: *f.4.* aon rud a shughracas, a ionshnámhas, duine táir, poll guairneáin,

súghraic. Portach conntabharthach lán de shughmairidhibh. Sin é an sughmaire nách fiú maith do dhéanamh air, ní bhfaghfá focal uaidh a sháiseóchadh thu: duine ná taithneóchadh a chlódh ná a imtheachta leat. Beidh an oidhche dhubh ann sara mbeidh an sughmaire sin réidh, níl aon oidhre ar shilimide ach é: rud righin, gan anam ná fuinneamh. An sughmaire mic sin agat, b'fhearr liom bheith ag gabháil air 'ná bheith ag tabhairt bhídh do dhuine go mbíonn cuma leasc, dhíomhaoin, sprionnlaithe air. An sughmaire sin ag dul tríom isteach gur dhóigh liom gurbh é mo chuid féin é agus an feall ina chroidhe ina dhiadh san: duine suarach, lán de chamasghail. An sughmaire, d'ólfadh sé a bhfaigheadh sé: tnúthán a bhíos ag faire is ag brath ar chaoi d'fhagháil.

sughmaireacht: *b.3.* sprionnlaitheacht, neamhfhearamhlacht, seiléigeacht, lútáil. Bheadh sé ag sughmaireacht tímcheall ort féach an rángóchadh leis aon bhúntáiste nó lom d'fhagháil ort: ag gníomh go suarach, táir. Lé duine a bheadh do shíor id threó is ag déanamh mearbhaill duit déarfá, "cad í an tsughmaireacht atá agat im thímcheall-sa?" Gach aon ghnóth a bhíos idir lámhaibh aige is í an tsughmaireacht a bhíonn aige leis: seiléig, maille is neamhfhonnmhaireacht. An gcaithfir an lá ag sughmaireacht ar an mbóthar?: ag gluaiseacht ar nós an tseilimide.

sughmhaireacht: *b.3.* sughlachas, suiméar, méitheas. Ars an seanduine, "tá sughmhaireacht sa bhfeóil seo, is féidir liom mo phráitín do thumadh innte": sughlach bríoghmhar a ritheas aiste. Ní bhfaigheann na hubhla a ndóthain gréine, is mar sin ní bhíonn an tsughmhaireacht ionta: an lionn milis bríoghmhar a bhíos ionta lé saidhbhreacht. Nár mhór í a dhúil sa bhfeóil go ndubhairt sé go n-íosfadh sé a mhéireanta ina diaidh lé sughmhaireacht nách mór, bhí sí chómh milis, sóghail sin: saidhbhreas brighe is méithis, túrar.

sughmhar: *a.* lán de shughlach, thútar, mhéitheas, shuiméar. Ubhal sughmhar: go mbeadh an sughlach ag rith as. Feóil shughmhar: go mbeadh suiméar innte. Feóil rósta shughmhar: go mbeadh túrar ag rith aiste.

sughrac: (**súghrac**) *f.1.* sughadh nó tarrac siar 'on bhéal lé síth aoir; tarrac láidir gaoithe, aoir, uisce, puill ghuairneáin etc. An gamhain ag sughrac mo mhéar: ag tarrac ortha lé sughadh an aoir trí n-a bhéal. Cabhadh mór fén gcarraig go raibh sughrac áidhbhéil ag an uisce ann: tarrac. Gobán súghraic: bréagán i mbéal leinbh chun bheith ag tarrac air amhail is dá mbudh é cíoch a mháthar é. In íochtar trágha tá an ghainimh an-bhog agus raghfá ar lár innte leis an méid sughraic agus tá aice: sughadh síos. Leis an ndúil atá aige ann ní fhágann sé árus gan sughrac: gan an diúir dhéidheannach do shughadh chuige lé neart anála. Simné ró-fhairsing atá agaibh, is mór go léir an sughrac atá aige, ní mór ná séidfí do hata tríd anáirde: sughadh láidir tarraic. Nuair bhíonn an ghaoth ag séideadh ón bhfarraige de dhruim faille bíonn sughrac amach ar an scéimh aice: sughadh chúiche.

súghracaim: (**sughracaim, sughaircim**) *b.a.* sughaim chugham lém anáil, tairngim chugham. Súighriceóchaidh cuilithe na habhann chuige thu mara mbír aireach: tairngeóchaidh mar thairngtear deatach trí shimné. "Súighric (sughraic) do mhéireannta anois!" nuair bhíonn rud éigin dulta bun os cionn agus ná bíonn aon leigheas air. Súighriceóchaidh an cheiridhe an t-othar as an gcneadh: baileóchaidh chúiche mar

bhailigheann duine an t-aer isteach ina bhéal. Súighric an t-oráiste sin, bainfidh sé an tart díot: súghaidh an bhrigh as.

súghracálaidhe: *f.4.* duine nó ainmhidhe a bhíos tugtha do bheith ag sughrac. Níl mílseán sa tsiopa ná go gcuirfeadh an súghracálaidhe sin deireadh leis. Maidir le súghracálaidhe dhe, ní raibh aon teóra leis, ní hamháin go ndiúgfadh sé a árus féin ach thabharfadh sé an déanamh céadna do n-a mbeadh ar an gconntabhairt díobh: duine a ólfadh ar nós an ghamhna, ná beadh galántacht ná meas ag baint leis.

súgracht: *b.3.* sultmhaireacht, subháilceas meóin, gealadhramacht a leanas bog-mheisceacht. Brón ná mairg ní dhíbreóchadh an tsúgracht as a chroidhe, an gáire 'san focal maith i gcómhnaidhe aige: an sult do bheith dhe dhúthchas ann. Pé saghas cuideachtan ina mbeadh sé ní bruighean ná achrann b'ionmhuine leis ach an tsúgracht: an claonadh lé subháilceas is meidhir. D'imthigh an tsúgracht as nuair chlaoidh an saoghal agus an aimsir é: an gealadhram is an fonn subháilcis. Is dubhach don té ná bíonn súgracht um Nodlaig aige: áthas is meidhir.

súgradh: *f.1.* do dhéanamh grinn, áilteóireachta, aoibhneasa, magaidh; greann, seódh, imirt. Ag súgradh liom ataoi, nílir i ndáiríribh go bpósfá me: ag leigeant ort is gan a fhonn ort. "Sé rún agus fonn na fóirne/ dá mhéid síth do ghníd lé n-ár bpór-ne/ an drong do bhíos ag ridhteach leó againn/ súgradh cluichidhe an chuitín chródha": do bhaint sásaimh is aoibhneasa as bheith ag scaoileadh na luiche uaidh do thabhairt dóchais éaluighthe dhi agus breith uirthi chun a ciaptha. Am aitrimh scoile cuimhneóchad choidhche ar an súgradh a bhíodh againne, leanbhaidhe ag damhas, ag déanamh geóna ag stracadh 'sag sáthadh: imirt go mbaintí sult is sásamh aiste. "Agus thárla an uair do bhí annsan tamall fada gur fhéach Abimelec rígh na bhFilistíneach amach as fuinneóig, agus go bhfacaidh, agus féach, do bhí Isaac ag súgradh lé na mhnaoi Rebecah" (Gen. XXVI. 8): ghá aoibhneas féin léi. "Agus do éirigheadar suas go moch ar n-a mhárach, agus do rinneadar iodhbhairt loisgthe, agus thugadar tabharthas síthe leó; agus do shuidh an pobal síos d'ithe agus d'ól, agus do éirigheadar suas do shúgradh" (Ecs. XXXII. 6): chun grinn is seóidh do bheith aca gan cuimhneamh ar mhairg. Gheibheann sé súgradh an domhain uile bheith ameasc leanbh: sásamh aigne bheith ag déanamh seóidh leó. Súgradh an chaitín leis an luichín súgradh neádha: imirt urchóideach. Na huain óga ag súgradh dhóibh féin ar an mbán maidean Bhealtaine: ag damhas 'sag léimrigh. Is mór an cladhaire é chun súgraidh do dhéanamh lé cailínidhibh óga: bheith ghá mbréagadh is ag baint ghrinn asta. Deirim-se leat nách aon tsúgradh an cogadh so: seódh: cúrsa grinn. "An dún is dubhach liom mar tá sé/ a dhóirse dubha dúnta le buidhiughadh gréin/ annsúd do bhíodh flúirse is cairéis/ lucht súgraidh na gcúig gcúige chun dinnéir": iad so ná bíodh de chúram an tsaoghail ortha ach caitheamh aimsire. Goirtigheadh é ach má seadh is trí shúgradh é: de dhruim grinn is seóidh.

súgraidheacht: *b.3.* aoibhneas, gealadhram, radhradh, rí-rá. A chara, is í an tsúgraidheacht is méine liom is ní clampar ná easaontas: meidhréis is subháilceas aigne is cuideachtan. Ar bhainisibh tuaithe lé linn m'óige budh mhór an tsúgraidheacht a bhíodh ortha: biadh is deoch siar síos, rinnce is amhráin, gáiridhe is scléip: subháilceas coimhdeachta. Ní bhaineann sí súgraidheacht as aonnidh anois, tá a croidhe chómh dubh

lé gual: subháilceas aigne, aoibhneas ná sult.

sughtánach: *a.* suiméarach, tútaramhail. Ag róstadh is sughtánaighe an blúire caoirfheólach san: is eadh is mó go ritheann sughlach as. Budh shóghail leis gach greim sughtánach dhá chogaint aige: bog, saidhbhir, milis, so-bhlasta.

sughtram: *f.1.* aon rud go mbeadh an bhrigh súighte nó tráighte as. An té ina shughtram go do-bhlasta ar fhaid a bhí sé ag tarrac: 'n-a uiscealach ó bheith ró-fhada ag tarrac. Níl ins an leann dubh san atá ar thóin an tsoithigh lé laetheantaibh ach sughtram: dríodar go bhfuil an bhrigh is an scabhárd silte as. An iomad caithimh fachta ag an leathar, tá sé ina shughtram: an bhrigh is an tathnag ar fad imthighthe as. Ná hól an sughtram bainne géir sin cuirfidh sé aicíd ionat: bainne rófhada ina stad.

sughtramán: *f.1.* aonnidh go mbeadh an bhrigh silte as, duine gan dus. Tá sé ina shughtramán, agus is mithid do é, ag iomad oibre agus beag-bhiadh: gan brigh chun aon ruda do dhéanamh. Sughtramán ná beadh deich míle de bhóthar siubhalta ar feadh lae aige: mall, gan tapa, ná fuinneamh. Connus bheadh anam ann, ná fuil san ina shughtramán ag codladh: rud neamh-anamamhail déanta dhe lé hiomad suain.

suicín: *f.4.* soc beag, pus beag, peata gamhna nó uain. Tá suicín ar ár leanbh indiu, míoghnaoi go bhfuil peataireacht air. Bíonn suicín ar an iascán: gob beag, gearra. D'iasc mhór ní bhíonn ar an leathóig ach suicín: pus beag cruinn gearra. D'imthigh an t-uan lé n-a mháthair ina shuicín: peata is é ghá deól. Do thuitfeadh mórán dighe leis an suicín sin dá luighead toirt é: ruidín a bheadh ag ól is ag sughrac ar nós an ghamhna.

suidhe: *f.4.* do bheith in ionad ina mbíonn an tón ar shuidheachán agus meádhachtaint na cabhlach ar fad ina luighe air (daoine); meádhachtaint an chuirp do leigeant ar spearachaibh is corr-ghiob, na cosa deiridh sínte amach, agus na cosa tosaigh ina seasamh díreach (ainmhidhthe); ina luighe ar uibhibh (éanlaithe); suas tar éis codlata, luigheacháin; suidheachán, soisiún; ionad, aiste. Tugadh cuireadh dom suidhe chun bídh: suidheachán do ghlacadh. Mo shúile ag iadhamh orm lé codladh, táim im shuidhe ó mhoch na maidne: as an leabaidh. Uaireanta leigtear do suidhe aniar sa leabaidh: ó n-a chrománaibh suas do bheith díreach anáirde. D'éirigh an treas lá ó mharbhaíbh, chuaidh suas ar neamh is tá ina shuidhe ar dheas-láimh Dé, an tAthair Uile-chómhachtach: socair do shíor i gceannas ann. "Agus gidh b'é neach do bheir neamh mar mhionna do bheir sé cathair Dé, agus an té atá 'na shuidhe uirthe mar mhionna" (Matha XXIII. 22): os a chionn. Duine an-bhreóidhte é seo, beidh tamall maith sara mbeidh sé ina shuidhe: as an leabaidh agus feabhas air. Nára suidhe suaimhnis duit ná fanfadh socair: bualadh fút ar ionad shubháilceach. Níl ionad suidhte ná seasta agam: aon tslighe in ao'chor: táim árd-mhío-chompórdach. Bhíos im shuidhe i bhfad indiu sara raibh an ghrian ina suidhe: mise as an leabaidh sara raibh an ghrian lé feicsint ar an spéir. Ina shuidhe nó ina luighe dho ní díoghbháil d'éinne é: duine gan díth ná urchóid ar gach cuma. Tá an chúirt ina suidhe: ar siubhal: a cúram dhá dhéanamh aice. Bhí sé ag suidhe leis féin: ag déanamh a shalachair. Ní bhfaghadh sé suidhe istigh uatha: ní thabharfaidís cead sosa dho nó lóistín. Is fearr suidhe in aice nó suidhe in ionad: bheith coigilteach ar do chuid is gan é ar fad do chaitheamh in aonfheacht. Anois toisc an chogaidh tá suidhe fartha ar gach cuan againn

nách mór: fir ionaduighthe ann. Suidhe an athar i dtigh an mhic suidhe cruinn corrach: gan aon bhuannacht aige ann. Beidh suidhe faoistine sa tigh seo ambáireach: beidh sagairt ann chun faoistine d'éisteacht is aifreann do rádh. An-chraolachán é sin gheóbhfá gach suidhe air: stáisiún go mbítear ag craoladh ann. Nuair cuireadh amach as a tigh í ghuidh sí Dia go dúthrachtach gan neach do shuidhe go buan ina hionad: do ghabháil sealbha fhada. D'éirigh sé ina shuidhe agus chuir fáilte rómham: 'na sheasamh as an ionad suidhte a bhí aige. Dubhart leis é do shuidhe ar shuidheachán sheascair: suidheachán d'fhagháil do. Tá an coisde lé suidhe ambáireach air chun an scéil do shuathadh: teacht i gceann a chéile agus rud éigin áirighthe do chriathairt. "Agus sínfidh na cearuibínigh a sciatháin amach go hárd ag folach an tsuidhe thrócaire lé n-a sciathánaibh, etc." (Ecs. XXV. 20): suidheachán. Is breágh an rud suidhe ach bhain luighe (síneadh) a bharra dhe: suidheachán do ghabháil. "Agus táinic Eliud chuige, agus do bhí sé 'na shuidhe a seómra samhraidh noch do bhí aige dho féin amháin, etc." (Breith. III. 20). Ní bheidh an coca ina shuidhe roim an mbáistigh: curtha ar a bhonnaibh. Is breágh an áit go bhfuil an tigh sin ina shuidhe: tógtha.

suidheachán: *f.1.* cathaoir, stól, nó a leithéid eile chun suidhte air; ionad, log, sosún; caibideal; salachar duine. Cá bhfuil suidheachán ar an arm anois?: cá bhfuil longphort aca. Bheadh an-shuidheachán sa tsiopa san aige leis an aimsir dá dtugadh sé aire dho féin: ionad maith maireachtana. Leabaidh shuidheacháin: is féidir d'iadhamh nuair ná bíonn in áis agus suidhe uirthi. An uile oidhche bíonn suidheachán againn ar an gcogadh: cruinniughadh daoine a chuireas trí chéile é. Sáipéilín gan aon tsuidheachán ann: stól nó fuarma. Bhí sé ar a shuidheachán: ag follamhughadh a chliabhlaigh. A leithéid d'fhear lé faillighe agus manaois, d'fhanfadh sé sa tsuidheachán chéadna dá mbeadh an tigh trí theine: gan corruighe as an mball go mbeadh. An bhfuil gach éinne agaibh i suidheachán, má tá gluaiseam!: suidhte: ionad fachta aige. "Is beannuighthe an fear nách siubhluigheann a gcómhairle na neamh-dhiadhach, nách seasann a slighe na bpeacach, agus nách suigheann a suigheachán na dtarcuisneach" (Sailm I. 1): áit chun suidhte. Caithfir suidheachán do ghabháil ar an úrlar: suidhe air. Suidheachán na cathaoireach: an chuid di go suidhtear air. Faigh suidheachán san amharclann dom: slighe suidhte. Chaill an teachta dála a shuidheachán: níor toghadh ath-uair é. Is iad na scartacha suidheachán na haicíde aige: is ionta atá a préamh. Annsúd atá suidheachán mo dhaoine-se faid agus tá cur amach air: an áit longuighthe. Is in Áth Cliath atá suidheachán an riaghaltais: is ann a dhéineann a ghnóth. Ní tháinig aon nuadhacht ó shuidheachán an chogaidh indiu: log.

suidheamh: *f.1.* (*-dhte*) socrughadh, feistiughadh, ionadughadh, crothughadh, dearbhughadh, ag cur ina luighe; ionad, gléasadh, etc. Is í ghá shuidheamh go pras gurb aice a bhí an ceart: ghá áiteamh is ghá chur in iúil. "Taithneamhacht aoibhinn suidheamh na sléibhte ag bagairt a gcinn thar dhruim a chéile": ionad is cóiriughadh. Thug sé i bhfad d'iarraidh a shuidheamh go raibh an ceart aige agus bhailigh na sluaighte. Scéal íogair atá agam agus is deacair a shuidheamh go poiblidhe: é d'innsint. Suidheamh ar a bhfuil gearánta aige an fhínéacht san: crothughadh. Cnuic thuaidh, thoir is theas air is an fharraige is na hoileáin uaidh siar, is aoibhinn a shuidheamh mar pharróiste: an t-ionad atá aige. Is ró-dheacair a shuidheamh cé air go bhfuil an mhilleán: a breith chun baile ar an nduine ceart.

suidheamail: *a.* socair, ciúin, deighmhéineach, cneasta. Annso indiu do, annsúd ambáireach, nách neamh-shuidheamail, an saghas duine é: gan socracht ná fonn curtha fé in aon ionad. Buachaill suidheamail é sin, ní furaiste spuaic do chur air: réidh, cneasta. Cailín suidheamail thoghfá ó n-a himtheacht as shluagh í: deigh-iomchair, deigh-mhéineach.

suidhim: *b.a.* ₇ *n-a.* glacaim suidheachán ar aon rud, téighim chun suidhte i gcómhairle etc.; socruighim, feistighim, cuirim 'na shuidhe, fúm, ionaduighim; cuirim síos, dearbhuighim. "Suidh mara bhfuil deabhadh ort agus dar ndóigh tá", ars an duine doichilleach ná raibh fáilte aige roim éinne. Suidhfeam anois ort, d'fhéachaint cad is cóir is ceart do dhéanamh leat: ragham i gcómhairle. Suidheann cúirt uair sa mhí ann: deineann giúistís nó breitheamh cúram dhlighe na talmhan do riar ann. Suidhidh annsan ar bhur suaimhneas: tógaidh ualach bhur gcabhlach dhíbh lé bhur dtón do chur ar thaca éigin. Shuidh sé i gcoróin, fiche bliadhain ó shoin: tháinig sé i gceannas mar rí. Ná suidh go sroichfir é: ná déin sos cos. Ná suidhidh ar bhur maididhibh rámha: leanaidh don rud atá ar siubhal agaibh. Ní shuidhfeadh an chearc ar na huibhibh: ní luighfeadh ortha chun a ngortha. Bhí árd-mheas aige air féin nuair shuidheadh sé ar an mbínse: nuair bhí sé de chómhacht aige do bheith ameasc lucht na dlighe do riar. "Suidhidh chuige anois": gabhaidh suidheacháin is ithidh. Suidhfead duit go bhfuil an fhírinne ghlan agam ach cluas do thabhairt dom: foillseóchad agus cruthóchad. Is amhlaidh mar tá aige ná suidhfeadh sé d'éinne: ná héisteóchadh lé daoine. "An rachfaidh bhur ndearbhráithre chun cogaidh agus an suidhfidh sibh-se annso?" (Uimhreacha XXXII. 6): an mbeidh sibh-se gan bheith rann-pháirteach ann?

suidhte: *a.r.* i suidheachán, curtha, socruighthe, feistighthe, daingean, cóirighthe, cruthuighthe, deimhnightheach, bunuighthe, socaránta. A cír fiacal chómh dlúith suidhte: curtha in eagar is in órd: greamuighthe ina n-ionad cheart. Ar bheith don lucht éisteachta suidhte do labhair an t-órádaidhe leo: gach nduine aca ina shuidheachán. Dá mbeadh an chos suidhte i gceart 'san gcasúr ní bheadh sí ar bogadh chómh minic: curtha in ionad go daingean. Aon phioc eagla níl orm ina thaobh ná go mbeidh sé buan, seasamhach dom, fear suidhte atá ann ná hathruigheann ar nós an choiligh ghaoithe: daingean, diongmhálta i rún. Deallramhuigheann gur feirmeóir é atá suidhte go maith san áit sin, ar an gclódh atá ar a thighthibh is ar a chuid talmhan: i gcumas mhaith. Dá mbeadh a bhfuil ag teastáil uaim suidhte agam do bheinn ag gluaiseacht: curtha i dtreó. An rud a bhíonn suidhte i nduine ní chuirfeadh an saoghal mór amach as é: ceangailte, geinte. Táim suidhte im aigne ná leighisfeadh dochtúiridhe na Mumhan me ar a oilceas do bhraithim: sin é atá meáidhte agam tar éis machtnaimh air. Go suidhte dearbhtha ní dhearmhadfad thu: gan aon amhras in ao'chor. "An bhfuilir lán-deimhnightheach ná teipfidh ort?" – "táim suidhte dhe": aon phioc amhrais níl agam. An t-éan suidhte chómh gleóidhte ina nid: réidh seascair ina ionad. D'aithneófá ar a aghaidh go bhfuil an chladhaireacht suidhte istigh ina chroidhe: go bhfuil sí i seilbh dhaingin, cirt ann. Coláisde atá suidhte leis na céadtaibh blaidhan: bunuighthe. Nách gníomh suidhte an chathair dhaingean, ró-láidir sin do ghabháil?: beart thar na beartaibh lé healadhain agus neart. Aon rud ar an dtalamh so ní áiteóchadh a mhalairt air, tá sé suidhte meáidhte ina aigne ar é do dhéanamh: ceapaithe is gan aon chuimhneamh in ao'chor aige ar athrughadh. Cómhraiceóchaidh sé iad uile go léir gan aon eagla go seasamhach suidhte: daingean, do-choisce, do-chlaoidhte. Ó, Dia

linn, na bochtáin tá ceal is easnamh suidhte ortha mar ar ghaibh an cogadh: buailte anuas i mullach an chinn ortha. Buaileadh an bob suidhte orm, anois atá mo shúile oscailte dhom: cinnte. Is suidhte an smut d'fhear é ar gach cúram go maidean: fear go bhféadfá muinghin do bheith agat as. Chuireas an chos suidhte sa sciain: go daingean, dlúith.

suidhteacht: *b.3.* deimhnightheacht, daingneacht, buantseasamhacht. Ní mór an geall do chuirfinn as a shuidhteacht ná go ngéillfeadh sé fós dá mhéid an neart atá ann: a dhaingneacht. Budh dhóigh leat ar a shuidhteacht a bhí sé dhe gur ina sheilbh do bhí sé: deimhnightheacht. Ar a shuidhteacht atáid san mbaile cuain sin, ní chuirfeadh as iad ach cómhacht láidir: a dhaingneacht agus a ghreamuightheacht. Duine seadh thu ná fuil aon tsuidhteacht ag baint leat, d'iompóchadh an ruibe thu: deimhnightheacht. Thabharfainn a bhfuil sa tsaoghal agam ar a shuidhteacht aigne do bheith agam, brón ná bascadh ní chuireann aon bhuaidhreamh air: socracht, cneastacht.

súigheach: *a.* lán de shugha(dh), teimhealuighthe. Rud súigheach a dhéanfadh tú do chrochadh ar leath-phingne: suarach, gan aon mheas aige air féin. Aghaidh shúigheach aige ó bheith do shíor ag gabháil de theinteachaibh: dubh, smeartha. Simné súigheach: salach.

súighimín: *f.4.* deoichín, diúirín. An-lag anois do ina shúighimín is ina shúighimín a thógann sé an deoch: diúirín bheag, bhíognach do shughadh siar.

súighte: *a.r.* súghraicthe, tairngthe isteach 'on bhéal nó trís an sróin lé neart anáile; tiormuighthe gan sughlach ná lionn ná locht. Cuma shuaidhte, shúighte ort tar éis an áirneáin go léir: an snódh gnáth imthighthe is cuma logartha tagtha ar chneas is ar fheóil. Is olc agus is lán-olc an crot atá tagtha lé déidheannaighe air, na súile súighte siar ina cheann: imthighthe ar gcúl sa logallaibh. Caith dhíot, tá an t-uisce súighte ag do chuid éadaigh, nó fuacht do gheóbhair: glactha, gabhtha, imthighthe tríd isteach. Socruighidh eadraibh é mar scéal, ní bhfaghfar mise súighte in bhur gcuid clampair: i dtreis: tairngthe isteach ann. Níl a thuilleadh aibhléise sa chadhnradh, tá sí súighte as: caithte aiste féin. Táir súighte go maith ag an gcath breóidhtighe sin: chómh claoidhte sin go bhfuil an neart tairngthe asat aige. An taisreacht is an t-allus súighte ag an dteas as mo léine: tairngthe, tiormuighthe. Ní stadfadh sé ded phíp go mbeadh an búndún súighte aige aiste: an gal déidheannach di ólta aige. An nimh a cuireadh ar scáiltín cois na leapan fé bhrághaid franncach do mharbhadh bhí sí súighte fé mhaidean ag an té a bhí ina chodladh: tairnge trí n-a anáil. Caithfead stad, tá an t-anam súighte asam: an bhrigh tairngthe asam mar thairngeann súighteán dubhach.

súighteach: *a.* mianach an tsúighte do bheith ann. Éadach súighteach, a ghlacfadh taistreacht nó fliuchán gan puinn duaidh. Bíonn crann súighteach ar thaisreacht: tairngeann sé mórchuid di. Duine geanamhail, súighteach atá ann: a thairngeas daoine chun muinnteardhais leis. Riamh ní fheaca thu gan béal súighteach ort: tartmhar. Bíonn an aithbhe árd-shúighteach ó dheas ann: thairngeóchadh sí chúiche isteach innte gan choinne. Simné súighteach: go mbíonn slogadh mór aige.

súighteacht: *b.3.* tiormacht, súghracacht, tart, ceal súghlaigh, aiste bheith súighte. Cé chidhfeadh súighteacht a shúl ná go ndearbhóchadh gur chaith sé an oidhche lé háirneán is ragairne: a suaidhteacht is a n-imtheacht siar ina cheann. Sin crann ná déanfadh aon teine trí cheal súighteachta: gan an súghlach do bheith imthighthe as lé giorracht a bhainte. Braithim súighteacht éigin ar mo chroidhe uaireanta go gceapaim go n-imtheóchadh an t-anam ar an láthair sin asam: mar bheadh cómhacht éigin ag tarrac na brighe as. Súighteacht a scórnaighe d'fhág go bocht, dealbh mé ar nós céad duine nách me: tartmhaireacht: an fonn budh dheacair do shásamh.

súighteán: *f.1.* páipéar chun dubhaigh do shughadh is do ghlacadh is do thiormughadh; sughrac; slogadh; sughlach, suiméar. Tiormuigh an scríbhinn lé súighteán: páipéar sughraic. Tráigh an-chonntabharthach í chun gabhála tríthe lé capall is trucaill, tá gainimh súighteáin innte: gainimh bhog, fhliuch géilleamhail fén satailt, an-bhaoghalach ar dhuine, etc. dul ar lár innte. Caith uait an tsean-phíp sin, tá an iomad súighteáin aice: í ró-fhairsing as a cois is breis tairng aice. Cuireann an neart atá ann go bhfuil súighteán ina ghéagaibh: sughlach nirt: smior. An béas salach a bhí aige an fheóil do chaitheamh as a bhéal nuair bhíodh an súighteán súighricthe aige aiste: tairngthe aiste mar thairngeann teas gal as uisce. Ní bhfaigheann ón ndochtúir ach súighteán oráiste: sughlach.

súighteóir: *f.3.* súighteán, aon rud a shughas nó a shúighriceas, póitire. D'fhanfadh an súighteóir sa tsuidheachán san faid gheóbhadh sé tarrac ar dhig nó go dtuitfeadh sé ina mheig léi. An dtógfaidh sé an t-árus dá cheann choidhche? nách é an súighteóir é?: sloigtheóir. Fantar amach as an súighteóir taoide sin: go mbíonn subh mór aice.

súil: *b.2.* (*g.* –e $_7$ úl) an ball radhairc, lúb, aon rud i bhfeirm súl, stuagh, logall, bolgán, drúichtín; silleadh, féachaint; cómhacht radhairce nó aidhmsighthe; ceann (ag cómhaireamh). Ní fhéadfá méar do chur im shúil-se, tá an iomad den aithne agam ort: an bob do bhualadh orm: spearbaill do chur orm: me do mhealladh. Chonnac lém shúilibh cinn é: mo dhá shúil féin. Bíodh súil agat ar an raga capaill sin go bhfillead: ná leig as do radharc é: bíodh faire agat air. Ní maith agus ní cóir do bheith fé shúil an tsaoiste ó Luan go Satharn: tu féin agus do chuid oibre do bheith dhá scrúdughadh aige. Bíonn aghaidh ar an gcnoc, cluas ar an gclaidhe agus súil ar an machaire: radharc ag gach éinne ar an rud do dhéanfá ann: chidhfeadh an saoghal mór ar chliathán cnuic duine, is ní bheadh a fhios agat choidhche ná go mbeifí ag éisteacht ón dtaobh eile de chlaidhe leat. Ní fuláir nó tá fuinneamh ann is an tsúil mhear atá aige: ceann a bhíos ag síor-chorruighe. An tsúil aibidh atá innte d'aithneófá ná raghadh puinn amudha uirthi: beódha, neamh-mharbh. An rud ná feiceann an tsúil ní chuireann sé buadhairt ar an gcroidhe: an rud a bhíonn i gceist is go mbímíd 'na amhras ní mairg linn é. An aimsir seo tá obair go súilibh orm: ghom dhalladh. Ar phrap na súl dhéanfainn é. Ar luighe na súl, bhuailfeadh an droich-mhianach san duine: faid bheifeá ghá n-iadhamh. B'é buachaill an chroidhe mhóir é, is fada go luighfeadh sé a shúil ar dhuine in áit dheóranta: ná go mbeadh sé muinnteardha leis. Luigh sé a shúil orm ag gabháil amach do: dhún í i gcómhartha gur theastuigh uaidh labhairt liom, etc. Maran ar mo shúilibh a bhí sé thabharfainn an leabhar breac go bhfeaca é: maran spearbaill nó scathshúilighe a bhí orm. Cuir ar a shúilibh do cár cheart do gabháil ar eagla go raghadh sé amudha ós rud é ná fuil aon taithighe san áit aige: tabhair cómharthaidhthe cearta dho: tabhair oiread eolais do is go ndéanfaidh a ghnóth leis.

Cuireadh ar mo shúilibh dhom go rabhthas ar tí mo dhíoghbhála do dhéanamh: innseadh dom é, nó fuaireas éachtaint air. Bainfead-sa an brach ded shúilibh: cuirfead-sa iachall ort féachaint romhat: aire do thabhairt duit: mothalughadh. Chidhim an frigh i súil an chléirigh, ach ní fheicim an bíoma im cham-shúil féinig: an locht is lugha ar an té atá fém bhun tugaim fé ndeara é ach an rud is measa ar domhan uaim féin ní mhothuighim in ao'chor é. Thabharfadh sé a dhá shúil ar amharc d'fhagháil ar pháipéar: dúil an domhain uile aige ann. D'fhág an tigh úd súil dhubh aige: chaill sé mórán dá dhruim. Níor mheasa leis an tsúil as 'ná é: ghoill sé go mór air. Ní beag liom ach lán mo shúil d'fhagháil de go mbeadh a fhios agam cad é an saghas é: amharc maith amháin. Lán súil aon óigfhir innte: dóthain aon fhir. Aghaidh na mbó ar an macha is súil na gcat ar an luaith: deireadh an lae do bheith ann. Bheireann deóir ón súil suaimhneas don chroidhe: éadtromuigheann gol maith an brón. Is fearr súil sa chúinne ná dhá shúil ar fuaid an tighe: is mó dhéineann an duine amháin ag faire ar imtheachtaibh an tighe 'ná beirt ag obair. Ní sáisightear an tsúil lé hamharc ná ní líontar an chluas lé héisteacht: ní bhíonn an duine sásta lé rud go mbíonn dúil aige ann d'fheicsint gan a bheith aige. Seachnuigheann súil an nidh ná feiceann: an rud ná feicimíd ní bhacaimíd tharainn. Níor luigh súil duine riamh ar áit is aoibhne 'ná é: níor fhéach air. Tabhair súil orm: féach im threó. Faid mhairfead airís ná tabhair súil orm: ná bac tharm. Dhearc sé orm as earball a shúl: cúinne. Tá ceachtar a dhá shúil dall: ceann aca. De shiolladh súil do chonnac é, mar is é a bhí cocánach: strac-fhéachaint, grod-fhéachaint. Ná bí ghá áiteamh orm ná raibh sé ann, chonnac lém shúilibh é: go dearbhtha do chonnac é. Bíodh súil rómhat is id dhiaidh agat: bí an-aireach i dtaobh an ruda a bhíos dhá dhéanamh agat. Is dall súil i gcúinne duine eile: duine deóranta i dtigh is beag do thugann sé fé ndeara. Bíodh do shúil anáirde leis an tráth anois beidh sé chughat: bí ag faire. Oiread agus chaochfadh a shúil ní bhfuair sé de n-a raibh dá riar: blúire beag. Ní bheidh san lé caitheamh sa tsúil orm go raibh eagla agam roim éinne: lé casadh liom gur mheathtach me. Is olc an dúthchas súile dearga. Ar lí ní breitheamh fear gan súile: duine dall is deacair do a fhios do bheith aige cad bhaineas lé dathannaibh. I ndomhan (ríoghacht) na ndall is rí fear aon tsúile: toisc é bheith de bhúntáiste aige ádhbhar radhairce do bheith aige. Cuir bior ar do shúilibh is b'fhéidir go bhfeicfeá rud éigin: féach go cruinn. Na súile bioranta atá 'na ceann: géara. Is geall lé fear gan aon tsúil fear ar aon tsúil amháin. Bean na leath-shúl: ná raibh aice ach ceann. Coisc do shúile: ná goil a thuilleadh. Is í mian mo shúl í: an bhean a thaithnigheas liom thar éinne eile. Dá mbeadh sé ar dhaoinibh macánta an domhain uile tá súil mhalluighthe aige: ar an solas atá innte d'aithneófá san. An mbainfeá radharc mo shúl díom?: an áiteófá im choinnibh rud do chonnac? Seachain, ná bain solas mo shúl díom: ná tair idir me agus na rudaidhe a theastuigheas uaim d'fheicsint. Bíodh breac-shúil agat ar an gcladhaire sin, ghoidfeadh sé dá bhfaigheadh sé an fhaill: ná staon dá fhaire. Thug sé súil mhillte ar an gcuideachtain nuair nár fiafruigheadh de an raibh béal air: súil go raibh olc innte. Níor mhaith liom é d'fhéachaint go ró-ghéar orm, tá súil mhillte aige: ceann a dhéanfadh do dhíoghbháil tá clódh chómh hurchóideach san uirthi. Bain fíoghar na croise ort féin ina aghaidh, tá súil choirrighthe (chiorrbhuighthe) aige: súil a dhéanfadh do dhíth. Chuir sí rinn a súl tríom: d'fhéach sí chómh géar san orm gur bhraitheas a féachaint. Is mealltach an silleadh súl atá aice: amharc grod. Chaith sí a súil air fadó riamh: tháinig éileamh aice air a bheith mar chéile aice. Chaitheas súil ar an áit sin fadó riamh, go maithidh Dia dhom é: shanntuigheas é. Leag do shúil air sin d'fhéachaint an bhfuil sé díreach: sín í leis. Is maith cruinn an tsúil atá agat é sin do bhualadh is a dheacracht: i ndán caidhmsiughadh go

díreach. An raibh sé caoch (dall) ar shúil leis: ceann aca gan radharc. Oscail do shúile, a dhallacáin!: féach rómhat féin (id thímcheall etc.), tabhair fé deara cad atá ar siubhal agat. Is amhlaidh do tháinig dhá shúil mhóra dho nuair cuireadh ina leith go raibh sé cionntach: tháinig alltacht air. Bhain a háilne preab as, agus chuir sé súil fén gcroidhe aige innte: tháinig trom-éileamh aige uirthi. Léan air an spreallaire ná geóbhadh léi, tá cuid a shúl de mhnaoi innte 'ná ag fear dob fhearr 'ná an geócach: a dhiongmháil de mhnaoi. "Féach, atá súil an Tighearna ar an lucht ar a bhfuil a eagla, ar an lucht chuireas a ndóigh 'na thrócaire" (Sailm XXXIII. 18): faire. "Acht céard fá bhfaiceann tú an broth atá a súil do dhearbhráthar agus nách gcuireann tú in iúil an tsail atá ann do shúil féin" (Matha VII. 3): an rosc. "Dá mbeadh an corp uile 'na shúil, cá háit a mbiadh an t-éisdeachd? Dá mbeadh sé uile ina éisdeachd cá háit a mbiadh an boltanus?" (1. Cor. XII. 17): tabhairt fé ndeara. "Agus má bheir do shúil adhbhar oilbhéime dhuit, bean asad, agus teilg uait í; is fearr dhuit dul don bheathaidh ar leathshúil 'ná dhá shúil do bheith agat agus do theilgean a dteinidh ifrinn" (Matha XVIII. 9): an rosc. "Súil ar shúil fiacal ar fhiacail, lámh ar láimh, cos ar chois" (Ecs. XXI. 24): cúiteamh. Súil na snáthaide ró-bheag, ní fhéadfainn snaithín do chur innte: an ródh: an poll. "Agus arís deirim ribh gurb usa do chamall dul tré chródh snáthaide 'ná do dhuine shaidhbhir dul a sdeach go flaitheamhnus Dé" (Matha XIX. 24): poll cumhang an tsnáithín. Síol maith seadh na prátaidhe sin, tá cuma ar an súil ionta: an logán beag go bpréamhuigheann an phéac ann. Tháinig an oiread san uisce leis an dtuile agus leis an dtaoide fé shúil an droichid ná béarfadh sí léithi é: an stuagh: an tógáil chuar. Scaoileadh an bád (suas) i súil na gaoithe: cruinn díreach sa treó 'na raibh sí ag séideadh. I dteannta an dá cheann atá agam níor mhór dom dhá shúil eile i gcúl mo chinn chun mé féin d'fhaire ar an gcladhaire bitheamhnaigh seo. Bíodh súil amach agat: téighir amach agus féach id thímcheall d'fhéachaint connus mar tá. Dá mhéid deabhadh a bhí air bhí súil siar aige: ó am go ham d'fhéachadh sé siar ag faire ruda éigin. Ná bac-sa dho, tá súil lé féachaint agam-sa: bead-sa ag faire. Is olc an tsúil atá aige ach is maith an tsúil atá agat-sa: droch-chrústa; deagh-chrústa. Fágtaidhe amuigh ist oidhche é, tángthas is cuireadh súil ann: goideadh é. Táim-se ag cainnt dréir radhairc súl, ní dubhairt bean liom go ndubhairt bean léi atá agam: mo thuairm féin dréir mar chonnac. Tá na cheithre súile ort: ag caitheamh gloinidhe. Ní feacthas dom-sa go raibh aon ghnóth súil aige ann: aon ghnóth dob fhéidir do thabhairt fé ndeara. Beidh an chéad shúil agam-sa air: mise an té a fhéachfas ar dtúis air. Sid í an tsúil dhéidheannach a gheóbhad ar mo thír dúthchais choidhche airís: an radharc deireannach. Is iomdha súil do thug sí ort agus ní fheadar an lé cion ort é: féachaint go raibh brigh éigin léi. Th'anam 'on diabhal, a dhuine, ná bí ag cainnt mar sin, is breágh liom lán (mo dhá) súil do bhaint asat: féachaint mhaith d'fhagháil ort. Is furaiste súil leinbh do leagadh: beagán do sháiseóchadh é. Súil gabhann i gceárdchain súil bric i linn: bíd an-ghéar. Nár fheicidh aon droch-shúil é, is breágh an fear é: súil mhillteach. Ní bheadh aon mhór-mhuinghin agam as, níl aon deagh-shúil aige: ní maith, cneasta, macánta an radharc atá aige. "An raibh a lán éisc agaibh?" – "a shúil ní fheacamair": oiread is ceann amháin. "Léan id shúilibh cama", deirtear lé duine a shatalóchadh ort nó a dhéanfadh rud éigin neamh-chruinn. Chuaidh an dealg i súil m'órdóige: i gcorp-lár an chinn chruinn amuigh. In ainm Dé tosnuighimís lé súil an lae: fíor-thosach. D'fhéach sé trí shúilibh a mhéar orm: trí n-a ladhr(ach)aibh: a mhéireanta scagtha ó chéile. Gan amhras is sóghail an t-anbhruith é sin, féach na súilínidhe atá air: bulgóididhe: cluig suiméir. Táim-se im chodladh is gan codladh ach ar shúil liom: leath im chodladh. Súile dearga chun an té a gheóbhadh locht ar a leithéid de bhiadh bhreágh:

dréir dheallraimh nách maith iad agus nách taithneamhach. Na súile árda atá aige: gur béas aige bheith ghá n-árdach go minic. Cé hé ná beadh cion aige air is na súile geanamhla atá aige: súile mealltacha, taithneamhacha. Níl agam air, ach aithne súl, mar sin ní fhéadfainn aon tuairm do thabhairt do: díreach go n-aithneóchainn cé hé féin. Thugas fé ndeara é, fuaireas amharc maith súl air i radharc gur bh'fhéidir liom ceann do thógaint de. "A nóimeint, ré filleadh na súl ré guth an stuic dhéigheannaigh, etc." (1. Cor. XV. 52): prap: tuiteam: ar an dtoirt. Ar phrap na súl pléascadh é: ar luighe na súl: faid agus beifí ag dúnadh na nduilleóg. Níor dhún duilleóga mo shúl airéir: fabhraidhe. An té a líonas a chroidhe líonann sé an tsúil: ní bhíonn dúil ina thuilleadh ag an té go mbíonn sásamh a shúl aige. Capall gan aon tuairm do dob eadh é, ach bhain sé leathad as shúilibh na ndaoine: chuir a ghníomh iongadh ortha. Leath do shúil ar an ndúthaigh id mhór-thímcheall, nách áluinn í?: scaoil ar a fuaid. Luigh súil ar leath a bhfeicfir: ná leig ort go bhfeacaís in ao'chor furmhór an tsaoghail. É fém shúilidhibh is ní fheaca é: ós mo choinne amach. Níl léas agam, tá an ghrian ag dul im shúilibh: ghom dhalladh. B'fhéidir go scúghfainn-se na súile agat, mara bhféachfá rómhat: go gcuirfinn iachall ort féachaint níos géire. Rugas air ag tabhairt súile cait orm: ghom fhaire i nganfhios, dar leis. Pléascadh idir an dá shúil me: buaileadh go teann me i dtreó na súl. I súilibh na dlighe tá sé cionntach: dréir. Chidhfeá lé leath-shúil é: tá sé an-shoiléir. Ní fhéadfainn mo shúile do thógaint di: cuireann sí mór-thaithneamh ar mo chroidhe. Chidhfeá leis an súil liom é: go soiléir gan gloinidhe. Bíodh do shúile id cheann anois, ní haon mhagadh an duine seo: bí aireach, géar. Níl ach aon tsúil amháin im spéaclaidhibh: leath-ghloine ar iarraidh. Chuireas súil ruibe, is bhí coinín innte ar maidin: lúb de rón nó sreang miotail. Súil an tsuic ró-chumhang dá mhás ní raghadh sé isteach ann: an logall: poll. Bain súil as an obair sin d'fhéachaint an bhfuil sí i gceart: dearc uirthe. Chuir sé na súile tríom: d'fhéach sé an-ghéar, an-chruinn orm. Thugas fé ndeara cat-shúile aige ina diaidh: é ag amharc ina diaidh go héileamhail. Cá bhfuil leath-shúil uainn?: an té ná fuil aige ach aon tsúil amháin. Thug sé liath-shúil ar an airgead nuair chonnaic sé na cnocáin de ann: súil éadmhar. Tháinig dhá chnap-shúil do chómh mór lém dhóirnibh: sheasaimh an radharc ann lé hiongadh nó neamh-choinne. Bíonn bolg-shúile ag girrfhiadh: súile borrtha amach 'na logallaibh. Is amhlaidh mar tá ag eisean, logall súl méith is poll tóna gioblach: clódh maith bheith air maidir lé biadh is díomhaointeas. Thugadh sé liath-shúil orm anois agus arís: casadh súl. An scéan-shúil atá aige ní fuláir nó fuair sé scannradh in áit éigin: ar an radharc atá ina sheasamh innte preab mar eagla do dhéanfadh é. Níor dheacair a aithneamhaint go raibh rud éigin ar maoith aige ar an strac-shúil do thug sé orm anois agus airís: féachaint ghrod, ghearr. Sid é chugham fear na súl ndúnta: ná feiceann faic le neamhthuis is manaois. Donnchadh na súl mór: saghas beag éisc is bolg-shúile aige. Grádh na gile ina claon-shúil dom: dearc seirce. D'iompuigh gealacán a shúl amach shaoileas go raibh an bás aige: an taobh bán (geal). Duilleóg na súl: an liopa so-chorruighthe a chlúduigheas í. Cad chidhfeadh san lé na ghleam-shúilibh?: súile ná bíonn ró-chruinn. Budh sciamhach an bhean í mara mbeadh go laiteann an fhiar-shúil atá aice í: ar aiste nách féidir leis an dá shúil féachaint sa treó agus ar an rud céadna d'aon uair.

súil-: *i gcfbh.* go súil, ag baint leis an súil. Ní fada a bhís i radharc nuair chonnaic an farthóir súil-aibidh thú: géar, lán-aireach. Bean súil-aibidh: beodha, mear ar a súilibh. Tá súil-aithne lé fada agam uirthi, ach ní fheadar cé hí féin: d'aithneóchainn ar a crot í ó dhaoinibh eile. Dá mbeinn súil-cham ach bun do bheith orm do pósfaí me: cor do bheith

ionta. Chaith sí súil-bhéim leis, is leanfadh ar fuaid an domhain é: súil mheallta. Ná bí chómh súil-bhorb san is go bhfanfá ag stealla-fhéachaint mar sin orm: féachaint dhána agat. Gan aon amhras is súil-dána an duine thu is é bheith de mheisneach agat féachaint in ao'chor orm: is mór é do mheisneach. Ó saoghaluigheadh é ráinig súil-éislinn éigin air nár bh'fhéidir lé haon dochtúir dul amach air: máchail. Tabhair súil-fhéachaint ar an ngluaisteán, ní fheadraís cad d'imtheóchadh uirthi: amharc go mbeadh a fhios agat go bhfuil go haonnidh ceart léi. Do shúil-fhéachaint ní thaithnigheann in ao'chor liom: féachaint a thug fé ndeara me. Imthigh as mo radharc, cad í an tsúil-fhairghis atá ort?: faire ghéar. Is iomdha ógánach súil-ghlas atá ag tnúth lé n-a pósadh: dath an-ghlas ortha. An bhfeacaís neach riamh is súil-ghuirme 'ná í? Gach cómhartha dá néinn do dheineadh súil-fhreagairt orm: chuireadh cor dhá shúilibh rud i dtuigsint dom. Cailín súil-fhairsing: go mbíd tamall ó n-a chéile suidhte aice. D'fhéach sé orm go súil-fhiafruightheach, gur thuigeas go maith: an solas ina radharc d'aithneófá air cad bhí uaidh. Is beag a imtheóchadh i nganfhios don mbarránach súil-ghrod úd: níor thúisce ag féachaint annso é 'ná annsúd. Mara mbeadh tu do bheith chómh súil-ghéar ní fheicfeá in ao'chor é (searbhas): chidhir agus tógair ceann de rudaidhibh gur chóra dhuit gan bac thársa. Duine bocht súil-lághach atá ann: a thabharfadh féachaint mhuinnteardha ar dhuine. Bhain an scéal gan choinne súil-leathadh asam: do phreab is d'oscail mo shúile lé n-a obainne nó a dhéine. Dá mbudh duine súil-radharcach thu thabharfá fé ndeara lé fada go rabhthas ag déanamh do dhíthe: breithnighthe: géar-amharcach. Éinne ná feicfeadh é sin tá sé súil-reamhar: súile móra, neamhghéara aige. Thugas amharc súil-reathach air agus sin a raibh ann go deimhin, bheadh mórchuid bun ós cionn leis i nganfhios dom-sa: leagas mo shúil go mear. Ná bí ag súil-sméide orm-sa, rud neambéasach seadh é: ag crapadh do shúl do dhéanamh cómharthaidhthe dhom. Ní féidir faic do dhéanamh do, tá sé súil-shilteach ó rugadh é: na súile ag rith aige. Is breágh liom féachaint ort is súil-shuairc an duine thu: cuma shubháilceach, chaoin ar t'amharc. Tarbh ceanndáine súil-teann: curtha go daingean ina logallaibh is cuma neamh-eaglach ortha. Táim cos-tinn, súil-tinn: rud éigin mí-cheart léi. Braithim súil-throm, cheal chodlata: na súile ag dúnadh ar a chéile dem aimhdheóin.

súil: *b.2.* dóigh, dóchas muinghin, iontaoibh. Súil lé breith a chailleann don chearrbhach: dóchas go n-iompóchadh an imirt air uair éigin. Bhí sé an fhaid sin gan teacht gur chuireas mo shúil de: nár fhan aon dóchas agam go dtiocfadh sé. Níl id ghníomh ach súil lé tuarastal: ní dhéanfadh sé é ach ag brath air go mbeadh rud dá bharr aige. Súil Uí Dhubhda lé hárd an Ríogh: dóchas ná meabhrófar. Lé súil go bhfuilir slán i sláinte mhaith: coinne láidir agam gur mar sin atá agat. Tá súil lé Dia agus lé Muire agam go dtiocfaidh do shláinte dhuit: is é mo mhian láidir é agus tá muinghin agam go dtiocfaidh chun críche lé cabhair Dé agus a mháthar. Níl aon tsúil go gcuirfidh sé an oidhche dhe: dóchas: ní deallramhtach go dtárlóchaidh san. Tá súil abhaile anocht leis: coinne go dtiocfaidh sé. "Mar shúil go mbeinn i gcleamhnas leat, a Eibhlín, a rúin": i ndóigh. Is fearr súil lé glas ná súil lé huaigh: pé cruadhtan a bhíos ar dhuine faid agus bhíonn an t-anam ann ní cóir dóchas do thréigean ina thaobh: pé dul suas atá ag an té a bhíos i gcarcar níl aon phioc ag an té a bhíos marbh. Budh súil dom ach níor fagháil: an rud go raibh mo dhóigh as níor tháinig i gcrích. Sinn fé anacra ag súil leis an lá go mbeimís ar gluaiseacht: ag feitheamh is ag fanamhaint fé líonrith. Tá súil láidir agam as go ndéanfaidh sé fear maith: muinghin. Táim ó shúil aon mhaitheasa anois: ní dóigh lé héinne é ná níl aon

mhuinghin aca. Ag súil lém bhás aon lá anois: coinne go dtárlóchaidh. Ná téigheadh do shúil thar do dóchas: má saoiltear duit ná fuil dul ar rud dréir dheallraimh ná leig dod mhuinghin rith leat. Lé súil go mbeifeá annso do thána: ag coinne: ar aiste aigne go raibh muinghin agam go mbeifeá. Ní bídh ag súil liom, ní thiocfad: ná bíodh coinne agaibh: ná smaoinidh air. An rud ná bíonn súil againn leis ní bhímíd ina aithreachas: ná bíonn muinghin againn go bhfaghaimís.

súileach: *a.* go súilibh, géar-radharcach. Ainmhidhe bolg-shúileach girrfhiadh: na súile go hárd amach ina cheann. Iasc breac-shúileach an fíogach: síogaidhe breaca ionta. Is cam-shúileach an diabhal amadáin thu ná féachann rómhat: cor ionta, nó gan áis do bhaint asta. Nách caoch-shúileach d'éirigh sé dhuit siubhal de scéimh na habhann isteach 'on uisce: nách mór na spearbaill a bhí ortha. Fear cnap-shúileach: súile mós mór is gan beódhacht ionta. Logartha cuas-shúileach anois i ndeireadh a bheatha thiar do: iad súighte siar ina cheann. Beir dearg-shúileach ó bheith ag gol: an fora amuigh dearg. Ní amallóg fiar-shúileach mé ná go bpósfadh duine éigin me: ní cor atá ionta. An oidhche ar fad do thug sí ag tuar na ndeór agus is í a bhí go fliuch-shúileach: níor thiormuigh siad i rith na feadha. Ní rachfaidh aon rud amudha i nganfhios do súd, tá an cladhaire ró-ghéar-shúileach: ná héaluigheann faic uatha. Dá mbeitheá gan bheith chómh gleam-shúileach b'fhéidir go bhfeicfeá cad bheadh agat dhá dhéanamh: neamh-chruinn. An t-asailín liath-shúileach dhá bhagairt le slait: súile a chasfadh tímcheall mar bheadh ar lorg ruda. Congaibh radharc cruinn air is ná bí chómh luath-shúileach: neamhshocair. D'fhéach sé orm go púc-shúileach, budh dhóigh lé duine go raibh cúis aige orm: cuma dhoichilleach, neamhmhuinnteardha ortha. Nách scáth-shúileach ataoi ná feiceann uait siar annsan é: mar bheadh scamall ortha. Rith sé chugham go sceón-shúileach i ndeireadh an anama, budh dhóigh leat go raibh ar bhain leis marbh: eagla lé breithniughadh ionta. Ná bí scáird-shúileach roim an madra san, ní chuirfidh sé aon chruisteach ort: eagla ionta.

súileachas: *f.1.* aire, faire, coinne. Bíonn súileachas aige lé duine éigin i gcómhnaidhe: dóchas aige go bhfaghaidh rud éigin uatha. Táimíd ag súileachas leis na laetheanta so: coinne againn go dtiocfaidh sé aon am. An síor-shúileachas is gan aon rud ag teacht do bhrisfeadh sé croidhe éinne: muinghin do shíor dá mhinicighe do cuirfí díombáidh ar dhuine. Ag súileachas lém chuid airgid is gan é ag teacht: ag brath gach aon lá go muinghineach leis. B'fhéidir gur dearmhad atá déanta aige air, cuir ar a shúileachas do é: cuir in iúil do é: cuir i bhfighis do é.

súileóg: *b.2.* clog, súil bheag, bulgóid. Súileóga ar an anbhruith lé neart is bríoghmhaireacht: cluig bheaga mar bheadh drúichtínidhe. Ní chuirfeadh mo dhícheall snáithín i súileóig na snáthaide seo: ródh beag, cumhang. Súileóga móra troma ar an uisce ag an gclagarnaigh bháistighe: cluig: bulgóididhe. An tsúileóg a bhí ar an gcneadh is go dtagadh an braon aiste: poillín.

súilidheacht: *b.3.* coinne, brath, muinghin, dóchas. Faghaim é nó ná faghaim é bead ag súilidheacht leis ach go háirighthe: beidh coinne agam leis: muinghin go bhfaghad. Ní raibh aon tsúilidheacht mhór agam leis, is nuair ná tháinig sé níor chuir sé aon neamh-choinne orm: muinghin mhór as. An tsúilidheacht gan fagháil: brath ar rud ná tháinig

chun críche. Ins an magadh san agus uile an bhfuil súilidheacht agat léi: an bhfuil aon bheagán dóchais aiste.

-súilighe: *i gcfbh.* tréithe nó airdheanna na súl nó galaraidhe. Deineann an bholg-shúilighe cur siar ar a sciamhacht: claonadh leis na súilibh do bheith éirighthe amach thar mar is gnáth aice. Ní thaithnigheann breac-shúilighe liom: na súile do bheith breac. Pé rud a deirtear níl aon cham-shúilighe air, léigheann sé chómh maith lé cách: an galar caime nó cor do bheith ionta. Admhuighim go bhfuil caoch-shúilighe air, ach is fada ó bheith dall é: adhbhar giorra-radhairce mar iomard. Níor mhaith liom féachaint cruinn air toisc fiar-shúilighe do bheith ann: an t-iomard go bhféachann na súile i malairt treó aige. Bainfead-sa an scáth-shúilighe dhíot! ná féachfá rómhat agus a fhios do bheith agat cad bheadh dhá dhéanamh agat: iomard scamaill éigin ortha ná taidhbhsigheann rudaidhe ina gceart duit. Maran scáth-shúilighe atá orm is é T. atá thíos annsúd: éislinn éigin atá ag cur mo radhairce amudha.

súilim: *b.a. 7 n-a.* tugaim fé ndeara, dearcaim, breithnighim, bíonn muinghin agam le, as, etc., dóigh, dóchas. Súil (súiligh) go maith me féachaint cad é an dath atá orm (searbhas): breithnigh go cruinn me. Shúileas ar feadh tamaill é, sar ar labhras leis, agus thaithnigh sé liom: dhearcas air agus thógas ceann de. Sin déanamh gránda nár shúileas uait-se tar éis ar dheineas riamh duit: ná raibh aon chuimhneamh agam go ndéanfá a leithéid liom.

súilín: *b.4.* súil bheag, drúichtín, deóirín, bulgóidín, ball fáinneach ar malairt dath. Lé feabhas an anbhruithe do bhí brat súilínidhe air: cluig bheaga ghléineacha. Lé strus na hoibre bhí súilín alluis ar a chneas: drúichtínidhe. Allus ag teacht trí shúilínidhibh mo chneasa: piocháin.

súilíneach: *a.* go súilínidhibh, lán de chlogaibh, bulgóididhibh. Anbhruith súilíneach: saidhbhir.

suim: *b.2.* an méid a gheibhtear ar chur dhá uimhir nó breis lé chéile dá thoirt, chuid nó breis aca; toradh iomlán; clár, cliath; roinnt airgid; meas, spéis, aire; seal. Ná fuil aon náire ort suim mhór aimsire do chaitheamh ar ghnóth chómh suarach leis: cuid mhór. "An rabhais i bhfad i Mearaice?" – "chaitheas (thugas) suim ann": seal maith. Suim bheag aimsire d'fhan sé eadrainn: tamall gearr. Tá suim bhliadhan ó fuair sé bás, ná fuil, sa déagaibh, an bhfuil?: cuid mhór mhaith. Ní leigfinn suim mhór airgead mar é sin uaim gan cómhrac do dhéanamh ar a son: ádhbhar maith airgid. An breóidhte atá sé? tá suim laetheanta ó chonnac é: ádhbhar: tímcheall seachtmhaine nó mar sin. Airgead ina scilling is ina scilling mar sin ní bhfaghfá chun suime choidhche é: chun oiread do bheith ann is gur thairbhe é. Cuir i dtaisce é sin, b'fhéidir go dtiocfaidh sé chun suime dhuit: go mbeadh an oiread ann agus go mbeadh sé so-lámhuighthe. An bhfuil aon tsuim agat tar éis do shaoghail is do dhuaidh: aon ádhbhar airgid go bhféadfá do lámh do chur air. Bheadh suim mhaith éisc ges na hiascairidhibh dá bhfanadh an oidhche ciúin: cuid, ádhbhar maith. Sé suim do scéil go dtuigtear duit gur bh'fhearr gach nidh d'fhágaint mar atá: tábhacht, brigh. Fuair gach éinne aca a shuim féin: an méid a bhí ag teacht chuige. Cheal suime nár tugadh an dochtúir in am chuige: gan an spéis cheart do chur ann: gan a thuigsint go raibh gábhadh ceart leis. Dá mbeadh aon tsuim in airgead aige ní bheadh sé

ghá chaitheamh chómh rabairneach is atá: spéis: imshníomh do bheith air do bheith dhá cheal. Is fada go raibh aon tsuim in aonnidh aige: is cuma cad thárluigheann d'aon rud. Cuireann sé suim mhór i saoghal na ndaoine fén dtuaith: déineann sé mearbhall de chonnus mar bhíonn ag éirghe leo, áthas air más go maith é, imshníomh más go haindeis é. Bhí sé imeartha chómh mór san aca nár shuim leis a bheatha: gur chuma leis beó nó marbh é féin. "Cad bhéarfad chughat ón mbaile mór?" – "luach leathphingne de neamh-shuim!" (greann): rud gan aon tábhacht: ní theastuigheann faic uaim. Arsa an fear buile, "níl aon tsuim im anam agam ach an oiread lé madra lobhtha!": aon spéis in aon chor: is cuma liom cad thárlóchaidh do. Is mairg a chuireann aon tsuim san tsaoghal so: a dheineas lón de. Cuirfead i suim duit anois ach éisteacht liom: foillseóchad duit go soiléir. Leis an aois d'imthigh sí ó shuim: ní bhíonn éinne ag cur spéise innte: ní cuirtear nath ná tábhacht innte: ní tógtar aon cheann di. Ní chuirfeadh sé puinn suime i t'anam do bheith air: ní bheadh aon mhairg air duine do mharbhadh. An té a chuirfeadh suim ionam chuirfinn suim ann: bheinn báidheamhail, imshníomhach muinnteardha leis an té a bheadh amhlaidh liom. Dheineadar suim de tímcheall an cheanntair ar fad, budh mhór aca é agus budh mheastamhail: mhóradar é. Sin é an scéal is iontsuime dár léigheas lé fada, ní bheinn cortha choidhche dhe: is mó go mbeadh spéis agam ann: a choingbheóchadh t'aire is t'aigne air. "An dóigh leat gur fiú dhá chéad púnt an bathalach tighe sin?" – "sin é a shuim, mo thuairm": a luach. D'íoc sé suim an éilimh: an méid a bhí dhá lorg air.

suimeamhail: *a.* tábhachtach, éachtach; meastamhail, cúramach, aireach, báidheamhail. Rud an-shuimeamhail don ndúthaigh seadh togha agus budh cheart dos gach éinne a ghuth do chaitheamh: tábhachtach: is beithte dos na daoinibh ar a son féin é. B'ait leis gach éinne cén fáth gur thairng sé iarracht shuimeamhail airgid as an mbannc: roinnt mhór airgid. Is mór an duadh do gheibheann sé dhíot, tá sé an-shuimeamhail ionat: spéiseamhail: bíonn do bhail ag déanamh suathaidh aigne air. Toisc gurbh í an inghean budh shuimeamhla den gclainn ann d'fhág sé a raibh aige lé hudhacht aice: is mó do bhí ina chúram is a gheibheadh a dhuadh. Ró-shuimeamhail ionat atáim, agus níl meas dá réir agat orm: an iomad dem bháidh atá leat. Dá mbeitheá beagáinín níos suimeamhla id chuid cúraimidhe féin 'ná i gcuid dhaoine eile ba roghaide thu é: níos airighe ar do chúram féin. Ar dtúis bhí sé suimeamhail go maith san rud do luadhadh leis go dtí gur tráchtadh ar airgead, annsan dubhairt sé gur chuma leis: spéiseamhail.

suimeamhlacht: *b.3.* tábhacht, aireacht, cúramacht. Níor mhór an tsuimeamhlacht do chuir sé riamh in aon duine a bhaineas leis faid bhí sé ós chionn a chumais: budh bheag air iad. Dá mbeadh aon tsuimeamhlacht agam choidhche ní bheifeá dealbh agam: aon rud gurbh fhiú trácht air. Sé a bhfuaireas uatha de bharr mo shuimeamhlachta ionta taobh na súgán den dtigh: an spéis is an aire a bhí agam dóibh.

suiméar: *f.1.* brigh, sughlach, smior, scabhárd. Is í an fheóil go bhfuil an suiméar innte í, níor ghábhadh dhuit faic d'itheadh ina diaidh go ceann dhá lae: brigh, neart oileamhna. Feóil shaidhbhir dhá alpadh ag an amplóir go raibh suiméar go cluasaibh air: sughlach dhá fháscadh aige aiste lé scabhárd is méitheas. Léan ort mar uisce! is tú an deoch gan suiméar 'e bhreis ar leamhnacht: scabhárd.

suiméardha: *a. n-dh.* bríoghmhar, scabhárdach, sughlach. D'aon tsaghas feóla is dócha gur b'í an mhairtfheóil is suiméardha, is gurb uirthi is sia mhairfeá: is mó go bhfuil scabhárd oileamhna innte. "Cad eile", arsa fear na dúlach, "ach deoch shuiméardha piúnt cubharach, cumhra d'úr-leann dubh": go bhfuil brigh, scabhárd agus oileamhain bheatha innte.

súiméid: *b.2.* aire, spéis, nath, áird. Luigh sé isteach in ár measc gan neach do chur súiméide ann, ní mór gur tugadh fé ndeara é: níor thóg neach a chonnaic é aon cheann de. Ní cuirtear suim ná súiméid ina chuid scríobhnóireachta: ní tugtar áird ar bith air. Rud gan aon tsúiméid dómh-sa seadh an cogadh so, ní hiarradh mo thuairm orm nuair tosnuigheadh é is ní hiarrfar nuair cuirfear críoch leis: níl tábhacht ar bith dom-sa ina imtheachtaibh.

suimighim: *b.a.* cuirim spéis ann, áird air, tugaim m'aire dho. Ar an ndlúith-fhéachaint is an mionscrúdughadh atá agat ar an gcapall san suimighir go mór é: tógair ceann de go dtaithnigheann sé leat. Sin cailín do shuimigheann gach éinne: cuirtear nath innte, tógtar ceann di agus dá slighthibh, agus meas dá réir uirthi. Ní shuimighir in ao'chor ar dheineas riamh duit agus níor bheag é: níl an oiread measa agat air agus budh cheart duit. Suimigh an méid atá lé rádh agam leat: tabhair t'aire dho.

suimighthe: *a.r.* spéis, áird, nath, aire curtha ann. Is mithid duit é do bheith suimighthe do dhóthain agat, táir tamall maith ag féachaint air: tugtha fé ndeara lé sásamh aigne. Ró-shuimighthe ges na daoinibh do bhí sé, sin é díreach a lait é, mar tháinig an iomad éirghe anáirde ann: an iomad spéise agus measa curtha ann. Tá do ghlór suimighthe go maith agam, níl aon rud a chuiris ar mo shúilibh dom ná gur dheineas: tugtha fé ndeara agam agus déanta dá réir. Bean áluinn, mhór-shuimighthe: go gcuireann gach éinne tuath innte. An fear is suimighthe ar an bpobal: is mó meas air.

suimiughadh: *f.* (*-uighthe*) do chur spéise, suime, tuaithe ann; do mheas dréir cáilidheachta. Ní fhéadfainn gan stad agus í do shuimiughadh lé n-a háilne: dearcadh uirthi lé sásamh aigne: áird is caoraidheacht do thabhairt uirthi toisc an chuma neamh-choitcheann atá uirthi. Tar éis a ndeárnas dóibh sé suimiughadh fuaireas uatha bata is bóthar do thabhairt dhom nuair bhí mo chuid caithte ortha: an tslighe do theasbáineadar a meas orm. Scéal ionsuimighthe atá dhá léigheamh go fóirleathanadamhail ar fuaid na dúthaighe: iontuaithe: go mbeadh fonn a léighte ar dhaoinibh toisc tréithe a bhí ann go bhfuil sughadh mór ionta agus sásamh aigne.

suimneach: *f.1.* duine tútach, mortalaithe, balcais thútach. An suimneach casóige atá ar an dtruaghán dhéanfadh sí fear go mbeadh a dhá thoirt ann, budh dhóigh leat gur bairlín ina thímcheall í: tútach, aindeis, neamhchórach. Ní mór go bhfeicfeá in aon áit as baile anois é, níl ann an chos do chur thar an gcois eile, tá suimneach déanta dhe lé feóil: é mór, aindeis, mortalaithe, gan puinn luadair.

suipéar: *f.1.* séire, an bhéile dhéidheannach den ló, cuid na hoidhche. Duine gan dinnéar beirt chun suipéir: d'íosfadh a dhá oiread. "Agus adubhairt sé liom an tan sin, scríobh, is beannuighthe an dream fuair cuireadh suipéir bainise an Uain. Agus adubhairt liom, a's

iad so briathra fírinneach Dé" (Taisb. XIX. 9). Is minic do bhíos ar suipéar aca: ag itheadh na béile sin ina dtigh nó ina bhfochair.

suirghe: *b.4.* cúirtéireacht, súgradh, radaireacht, tochmarc; iarracht ar chion duine do mhealladh; geas, draoidheacht. Bheifeá ag suirghe liom anois mar mhadra, go bhfaghfá cnámh uaim: ag lútáil tímcheall orm is ag déanamh ceanamhlachta. Seachain thu féin ar shuirghe baintreabhaighe: a cleasa meallta chun duine do ruibeadh i gcuing phósta. "Bíonn sé ag suirghe liom", ar seise "agus ní thaithnigheann sé liom": ag cur a ghrádha in iúil dom. Phós sé í agus a fhios aige go raibh leanbh suirghe ar iomchar aice: leanbh toghartha. Tabhair aire dhuit féin air, beir leat nách ag suirghe leat a bheadh seisean: ag imirt chleas ach i ndáiríribh cheart. Chuaidh sé lé buile nuair na geóbhadh sí suirghe uaidh: feádhanna grádha. Gorm chun buancais is uaine chun suirghe: an dath gorm is sia a fhanas gan tréigean, an t-uaine go bhfuil sughadh na súl ann. Níor bhuail an bhean san riamh liom a ghlacfadh lém shuirghe: a bhéarfadh grádh ar ghrádh dhom 'sa luighfeadh i gcuing phósta liom. Ní hí ndáiríribh atáimíd in ao'chor ach ag suirghe lé chéile: ag déanamh grinn is seóidh. Suirghe an chait leis an luich: imirt is súgradh ná bíonn a sásamh ach ag duine amháin.

suirgheach: *a.* tugtha do shuirghe, ceanamhail. Cailín suirgheach gur dóigh lé gach ógánach gur leis féin í: a bheadh ag cúirtéireacht is ag mealladh na dtáinte. Leanbh gleóidhte suirgheach seadh í: ceanamhail.

suirgheach: *f.1.* leannán, éilightheóir mná lé hintinn a pósta. Ní phósfaidh mo leanbh bán-sa aon spreallaire ní ceal suirgheach di é: a dóthain fear in éileamh pósta uirthi.

suirgheacht: *b.3.* cúirtéireacht, lútáil ghrádha. Tar éis a cuid suirgheachta riamh níor ghaibh éinne léi: méid a cúirtéireachta: spallaidheacht leis an té seo is an té siúd. Ná bí ag suirgheacht leis an ngloine ach caith siar a bhfuil innte: ag súgradh léi: ag baint braoinín anois is airís aiste. Tabhair don leanbh an phingin is ná bí ag suirgheacht léi: ag súgradh: ag tabhairt dóchais di chun a meallta. Ní bheadh súd ag suirgheacht leó ach iad do stialláil: síos ná suas: ag cuimilt a bhaise dhíobh.

súisín: *f.4.* súsa beag, scaraoid; leabaidh (shuidhte). Téighir 'on tsúisín: chun leapan. Ní raibh a dtigh riamh gan súisín geócach: leabaidh dos na bochtaibh. Im shúisín uaigneach ó d'éag mo ghrádh: i leabaidh go haonarach.

súiste: *f.4.* úirlis chun arbhair do bhualadh. Bíonn ann an colpa .i. an chuid a mbítear beartha air, an buailteán .i. an chuid de a scaras an gráinne leis an gcraoibh, agus an iall, an brollach .i. a cheanglas an colpa den mbuailteán; géirleanamhaint. Is fada go bhfeaca éinne atá ag dul ó smacht mar é, is maith a theastóchadh súiste uaidh: bualadh. B'fhada feirmeóiridhe na hÉireann fé shúistidhibh tighearnaidhe talmhan: fé ghéirsmacht aca: go gcaithfidís gabháil lé pé iomard budh mhian leó do chur ortha. Ní leigfeadh eagla an tsúiste dho ó n-a mhnaoi puinn cor do chur de féin: smacht buillidhe. "Óir ní buailtear an fiatghal lé súiste, ní mó 'ná iompuighthear roithleáin cartacha tímcheall ar an gcuimín etc." (Isaiah XXVIII. 27). Thug sé súiste di: ball feardha.

súisteáil: *b.3.* bualadh lé súiste, bualadh smachtuighthe; stialláil. Lé breis agus bliadhain anois tá arm na Gearmáine agus na Rúise ag súisteáil a chéile gan lagrach: ag tuargaint is ag gabháil cuimil an mháilín ar a chéile. Is iomdha súisteáil do fuair sé ar scoil agus ag baile ach b'é an fear céadna do shíor é, aon athrughadh ní chuireadh sé air: bualadh chun a smachtuighthe. Ní lá díomhaoin lá súisteála: ag bualadh arbhair chun an ghráinne do bhaint as. Ná bíodh eagla ort ná go bhfuil a thuilleadh súisteála ionam: brigh chun cruadhtain d'fhulang.

súisteálaim: *b.a.* buailim arbhar, tuargnaim is stiallálaim. Súisteálfaidh sé an t-anam asat má gheibheann sé greim ort: tabharfaidh sé bualadh an anama dhuit. Shúisteáil an máighistir ar a thoil me lé slait toisc me bheith mío-mhúinte: thug sé sail-ghreadadh dhom. Bheadh eagla orm go súisteálfadh sé thu aon lá, mar mo thuairm gur fearr d'fhear é 'ná thu: go ngeóbhadh ort.

súisteálta: *a.r.* buailte lé súiste; gabhtha ar go sásamhach. Um an dtaca go ránguigheas-sa ann bhí an fear súisteálta ar a dtoil aca: é buailte oiread agus theastuigh uatha. Tar éis an chatha san ní fios ceaca is súisteálta: is mó go bhfuil tuargaint fachta aige. Thugadar suas, chonnacadar go rabhadar súisteálta: go raibh buaidhte pic ortha. Arbhar súisteálta: buailte lé súiste.

súisteóir: *f.3.* buailteóir lé súiste. Is mar a chéile buille uaidh siúd nó buille súisteóra: an fuinneamh is an neart céadna bheadh i súiste.

súisteóireacht: *b.3.* bualadh lé súiste, buille thall is buille abhfus. Ní dhéanfadh do chuid súisteóireachta an gnóth, cuir chuige i gceart: neamh-chruinneas is fuadar mór chun saothair.

sul: *comhnasc* (**sula, sular, sara**). Ghlaoidh sé orm fanacht leis sula n-imtheóchainn uaidh: ar eagla.

sult: *f.1.* áthas, aoibhneas, greann, sásamh. Fear suilt, ní chuala riamh é ach ag déanamh seóidh: fear grinn. Diabhal é sin a gheibheas sult as aindeise a chomharsan, nár bh'fhearr leis rud do bheadh ortha: aoibhneas. Is beag an sult do bhain an fear as a shaoghal, an aindeise is an bhochtanacht ghá chlaoidhe i gcómhnaidhe: subháilceas aigne ná aoibhneas beatha. Baineadh an seanduine sult mór as bheith ag súgradh leis na leanbhaidhibh beaga lá gréine amuigh fén spéir: aoibhneas. Ní haon tsult dómh-sa bheith ag maireachtaint ina measc, iad i mullach an chinn orm de ló gus d'oidhche gan chúis, gan adhbhar: ní chuirfeadh mo shaoghal ina measc meidhréis ná greann choidhche orm. Ná bí ag sult liom mar ná fuil aon fhonn suilt orm: bheith ag baint aoibhneasa as bheith ag imirt orm. Is mór an sult í: bhainfeá aoibhneas as an uile nóimint do chaithfeá ina fochair. Dá mhéid an mhairg do bhí air do bhain cuimhne ruda éigin gáir suilt as: corruighe subháilcis ar a chroidhe. Lá gan sult dob eadh lá na ráiseanna, bhí díle bháistighe ann: gan aon aoibhneas ná tógaint croidhe. An dteastuigheann uatha go mbeadh sult ag an ndúthaigh orm?: go mbeadh aoibhneas is subháilceas aigne aca orm. Ní chun tú tharcuisniughadh in ao'chor adubhairt sé súd leat ach chun suilt: girréis: subháilceas do bhaint as: seódh: greann. Bítear ag sult fúm: ag fagháil subháilcis as bheith ag déanamh grinn díom. Amhrán suilt

seadh ‘Tórramh an Bharraille’: a chuirfeadh áthas ar do chroidhe a chlos lé n-a ghreann. Aon tsult ní bhainim as an saghas tobac atá ann anois: sásamh.

sultmhaire: *a.* meidhréis, áthasacht, lúthgháireacht, girréis, áilteóireacht. A shultmhaire linne, garsúin, an báille uisce do thuiteam ’on abhainn lé linn do bheith ar ár dtóir: an greann is an t-áthas do chuir sé ar ár gcroidhe. Lé sultmhaire bhíonn san mar sin ag tabhairt péac fé dhaoinibh: lé fonn áilteóireacht a bhíonn sé ag imirt ortha chun a ngriogtha. Sultmhaire go léir dob eadh an oidhche ar an gcéilidhe, rinnce, ceól, amhráin, gáiridhe is greann againn: meidhréis is lúthgháir croidhe. Bí-se ag gáiridhe fúm más maith leat é ach ní haon tsultmhaire dómh-sa me do leagadh is do shailiughadh: aon rud a bhainfeadh greann ionam.

sultmhar: *a.* aoibhinn, sásamhach, meidhréiseach, súgach. An-shultmhar atáthaoi lé chéile agus go deimhin níor bh’anna(mh) libh sin, na gáiridhe geala atá oraibh: meidhreach, deigh-mhéineach. B’shin í an oidhche neamh-shultmhar ar an mbainis chéadna achrann is argóint i rith na hoidhche: gan ghreann, gan subháilceas. Duine sultmhar é sin in aon chuideachtain, bíonn scéal is duain is áilt aige: duine gur subháilceas do bheith ina fhochair. Ciota breágh, sultmhar dighe: go mbainfí sásamh as a chaitheamh. Dá mhéid duairceas budh cheart do bheith air bhí sé sultmhar: dhéanfadh sé gáire chómh maith lé duine.

súmachán: *f.1.* duine righin, seiléigeach. Súmachán ar gach aon rud a chuirfeadh sé roimis as so go maidean, ní bhfaghfá amach as a lámhaibh é. Mo chosa stangtha ó bheith ag feitheamh leis an súmachán, shaoileas ná tiocfadh sé go lá Philib an chleite: sodamán leasc.

súnc: *f. n-dh.* sáthadh lé huillinn, láimh nó gualainn, eitim. Thabharfadh sé súnc sa chroich ar shon é do bheith aige: an oiread san fonn air chuige go raghadh sé i dtreis crothadh do bhaint as innte lé súil é do bheith aige dá bharr. Thug sé súnc dom nuair bhuail sé im choinnibh is é ar meisce: chorruigh sé as mo sheasamh me. Tabhair súnc det uillinn do d’fhéachaint an éisteóchadh sé: sáthadh (teog) uilleann go mbainfeadh sé tátall as. Ná tabhair aon droch-shúnc duit féin, fan istigh, tá an aimsir go dona: sáthadh: iarracht ar dhul amach. Is gránda an súnc a thug sé dho féin dul i mbaoghal a bháidhte ar son clár raice: eitim gan aon deallramh léi.

súncáil: *b.3.* dul fé loch, fé uisce níos íochtaraighe is níos íochtaraighe, imtheacht síos síos trí aon rud. Ar dhul don bhfarraige isteach ’on bhád thosnuigh sí ar shúncáil: ar imtheacht síos síos fén uisce. Bhí an capall ag súncáil san ngainimh shúighric: ag imtheacht tríthe síos. Sin í an ghrian ag súncáil cheana féin luathuighimís: ag dul fé. Ar áit bhog do tógadh an bóthar is tá sé ag súncáil ó bhliadhain bliadhain: ag íochtarughadh sa talamh.

súncálaim: *b.a.* ₇ *n-a.* téighim fe loch dem aindeóin, fé uisce, níos íochtaraighe in áit bhog. Shúncáil an nadhbhóg leis an iomad ualaigh: d’imthigh sí síos fén uisce. Súncálfair sa ghainimh bhog mara mbír aireach: imtheóchair tríthe síos léd mheádhachtaint. Shúncáil bád fé thuinn áthrach mór cheannaigh: chuir go tóin puill í. Dá súncálfaí na

líonta bheadh iasc ionta, íochtarach atá sé: dá gcuirtí go tóin puill iad nó tamall síos. Do shúncálamair na cuaillidhe go maith sa talamh chun nár bh'fhuraiste a gcorruighe: do shádhamair is dá dhaingnigheamair. Súncálfaidh fallaidhe an tighe: druidfid síos lé n-a dtromas.

súncálta: *a.r.* ar thóin puill nó síos ó uachtar uisce; druidte síos níos íochtaraighe. Líonta súncálta: líonta a cuirtear ar thóin puill nó síos ó uachtar uisce chun beartha ar iasc.

súnda: *f.4.* bealach uisce. Is fada gur ghaibh an long an súnda chómh mór léi sin. An súnda leathan atá idir an t-oileán 'san míntír.

súrlachán: *f.1.* duine nó ainmhidhe dearóil, suarach. Súrlachán bocht mise ameasc na ngaigidhe sin ná cuireann neach suim ná súiméid ionam: aindeiseóir gan tábhacht. Admhóchaidh éinne a chonnaic iad gur shúrlacháin iad seachas ba eile: ainmhidhthe ná raibh puinn cuma ná crot ortha. Meas súrlacháin a bhí agat-sa air sin, féach an obair shlachtmhar atá déanta aige: duine nár bh'fhiú biadh do thabhairt do.

sursaing: *b.2.* cros, tearghad, téadán cuinn, scruibile. Níor éirigh sé ón mbórd go raibh a shursaing teann aige: a chros fairsingthe go maith leis an méid d'ith sé. Tá bolg chómh mór san air gur sursaing mhaith a raghadh ina thímcheall: crios maith fada. Chuirfeadh sé ag gáiridhe na clocha glasa nuair chidhfeá é a shursaing tuighe ina thímcheall: súgán. Is mortalaithe, aindeis an tsursaing dhuine é lé feólmhaireacht: neamh-éascaidh, craptha. Tá fáilte is fiche rómhat, árduigh leat lán do shursainge díobh: beart: an oiread is raghaidh id (ar) théadán.

súsa: *f.4.* pláinéad, pluid, brat (leapan); leabaidh (shuidhte), iomdha, sínteán (codlata). Tá sé in am súsa: am codlata. "Céagainn go bhfuil an ceart aige, dar leat-sa?" – "tairngidh ó chéile é mar dubhairt fear lár an tsúsa" .i. is cuma liom cad dhéanfaidh sibh: faid bheadh tarrac ón da thaobh ar an súsa ní bheadh baoghal ná go bhfanfadh fén bhfear láir. Is iomdha lá agus oidhche ó chuadhas chun súsa leis: ó luigheas leis: ó cheangladh i bpósadh me leis. Aon chodladh ní thuitfeadh air gan gal an tsúsa: gal sa leabaidh tar éis luighe dho. Labhair cailleach an tsúsa sa chúinne: an tseanbhean a thugadh a saoghal ina luighe sa chúinne. Mo thruagh é, gan leabaidh gan súsa ag codailt amuigh: pluid, brat.

susmaid: *b.2.* suiméar, sughlach, scabhárd. Is é an t-uisce fuar an deoch gan susmaid do dhuine lag: gan scabhárd. Ubhal gan susmaid: tirim, tur gan sughlach. D'áiteóchadh cuid aca ort gur plúr gan susmaid é seo dhá itheadh againn lé linn an chogaidh: scabhárd.

sutha: *f.4.* craosaire duine nó ainmhidhe, aireachán, truth. Bhuail sutha fir isteach, is beag riamh a chonnac budh mhó 'ná é: duine toirteamhail, curanta. Budh dhóigh leat ar an sutha go n-íosfadh sé im bheathaidh me, thug sé an oiread san béil dom: a ionsaidh me mar ionsóchadh muc ocrach biadh. Dícheall mór aon tighe a dhóthain do thabhairt lé n-itheadh don sutha san: airceachán: alpaire. Sutha chun oibre atá ann: imthighthe bán geal gléigeal chun na breise do dhéanamh. Riamh ní fheaca aon tsuthaidhe tímcheall dighe go dtí iad: dream a ólfadh leis an oiread san dúlach. Nách leór cuid is gan sutha do dhéanamh díot féin: bheith ag alpadh thar meón ar fad. Sutha cránach: ceann mór a

íosfadh is a bheadh ag síor-lorg. Chuaidh sutha ainmhidhe 'on líon chughainn a scannruidh sin: ceann mór groidhe is cuma fhiadhain air. A shutha amadáin, cad tá fonn ort a dhéanamh?: amadán mór ná géilleadh d'éinne. Stad, is ná déin sutha dhíot féin: ná tabhair náire dhuit féin lé biadh no lé digh: craosaire. Is diail an sutha mná í: bean mhór, chumasach, churanta. Shaoileas ná stadfadh an sutha choidhche de bheith ag dearbhadh éithigh: duine go raibh fonn diabhalta air chuige.

suthaidheacht: *b.3.* craos, guilm thar meón, airc, mío-mhúinteacht. Cuir uait an tsuthaidheacht ach ith lé meónaidheacht: an craos diabhalta. Leis an suthaidheacht ní mór ná gur árduigh sé leis a raibh ar an bpláta: guilm gan meón, gan múineadh. Is maith an rud ádhbhar is gan suthaidheacht do bhac: gan dul thar cailc ar aon rud. Naomh féin ní chostálfadh indiu léi, tá suthaidheacht uirthi, cuid mhaith: deacracht a sásamh. Lé suthaidheacht ní labharfadh sí lé duine uaireanta: mío-mhúineadh, tormas is stailcidheacht.

suthaire: *f.4.* airceachán, craosaire, aighnciseóir. Dhá thigh ní chothóchadh an suthaire sin leis an ngoile atá aige: coimse mór ithteacháin. Suthaire capaill a íosfadh gach gort agam go cré: gur deacair a dhóthain do thabhairt lé n-itheadh dho. Ní hé gach aon tsaghas bídh a thaithneóchadh le blas an tsuthaire seo, soghalaistidhe is ollmhaistidhe bhíonn uaidh maran b'eólach duit: duine cáiréiseach. Tá sé ina shuthaire fir anois: ina fhear mhór, ghroidhe, láidir. Ná fanfá ar do chuid féin, a shuthaire, is gan bheith ag canntáil ar dhaoinibh eile: duine go mbíonn sainnt choda cómharsan air.

suthaireacht: *b.3.* airc, craos, amplacht, deacracht sásaimh. Ní hé an chéad uair é aige ag tabhairt náire dho féin leis an suthaireacht, nách breágh ná bíonn sé sásta gan bolg do dhéanamh ar gach rud: airc: an dúil mhairbh chun an bhídh. Cad í an tsuthaireacht so ort-sa?: cad é an gearán atá anois ort? do dhéanamh glóir mar dhéanfadh muc ocrach. Riamh riamh i láthair an bhídh ní raibh sé gan suthaireacht air, ní fheadraís cad a sháiseochadh é: deacracht teidhmint do dhéanamh air. Imtheóchaidh an tsuthaireacht san, tiocfaidh breis dá chéill do go mbudh fusa labhairt leis: ceal caoinis is cneastachta: pusaidheacht.

T

tábhacht: *b.3.* mór-is-fiú, luacht, mór-lé-rádh, suim, áird, bail, maitheas, toramhlacht, daingneacht, éifeachtacht, scabhárdacht. Ní haon tábhacht slaghdán do theacht ar dhuine ach aire do thabhairt do i dtosach: rud nách fiú d'áireamh. Níor cuireadh aon tábhacht sa bhreóidhtigh go ndeachaidh sé i luighe gaibhte air: níor tógadh aon cheann di gur chonntabhairt ná díoghbháil í. Aon tábhacht níl ina shaoghal ná ina bheatha aige, ní mór an nath aige iad do reic: beag-shuim do chuireann sé ionta. Duine gan tábhacht mise annso, geallaim dhuit gur cuma ann nó as me: gan áird: níl faic agam ná aon rud déanta agam gur bh'fhiú trácht air. Duine lé tábhacht san áit seadh ár dteachta dála: go néithear nath mhór de: go gcuirtear suim ann toisc a ionaid agus tréithe a bhaineas leis. Lé n-a thábhacht gheóbhadh sé earra ar cáirde nuair ná geóbhadh bochtán mar mise é: mór-lé-rádh: ionad poiblidhe do bheith aige ameasc na ndaoine nó tréithe éigin a thugas meas is urraim do. Níor leath tábhachta liom duine fuaimeantamhail do thabhairt céille is cómhairle uaidh ach giofaire mar é sin: ní chuirfinn leath oiread natha ann. Dá mbeadh aon tábhacht ina chuid oibre aige thabharfadh sí aire dhi is ní leigfeadh sé ar bóiléagar í mar leig: suim: áird uirthi. Dá olcas aonnidh ní tábhacht é ach an tsláinte ar leithrigh: ní bheadh sé in aon ghiorracht do bheith chómh himshníomhach. Cad é an tábhacht má tá culaith nuadh éadaigh air go mbeifí ag déanamh an oiread san gleóidh de: iongadh: rud go gcuirfí suim neamhghnáth ann. Labharfadh sé lé bocht is nocht, níl aon tábhacht ag baint leis: mórdháil, tóirtéis. Cad é an mhaith bheith ag déanamh calláin gan tábhacht de rud atá imthighthe: gan tairbhe. Gan staonadh bhíodh sé ghá shuidheamh go raibh an namhaid i bhfad níos láidre 'ná mar saoilfí, níor deineadh dá ghlór, ámhthach, ach beag-thábhacht: is beag a thug cluas do nó má thug níor géilleadh do. Bídís ag maoidheamh air as an méid a thuilleann sé, tuarastal gan tábhacht atá aige: nách fiú cainnt air lé n-a luighead. Ní hé an méid adubharthas leat a dhéanfaidh aon díth dhuit, ná bí ag déanamh an oiread san tábhachta dhe: an oiread taidhbhse. "Do fhreagair Íosa, má bheirim-se glóir dhom féin, níl tábhacht ann mo ghlóir; is é m'athair do bheir glóir dhom; noch adeirthí-si gur ab'é bhur nDia féin é" (Eóin VIII. 54): éifeacht. "An iomláine a thábachta beidh sé a gcumhgach; tiocfaidh lámh gach uile dhroch-dhuine air" (Iob XX. 22): éifeachtamhlacht. Nuair bhí sé ghá bhfágaint annsan d'fhág sé a thábhacht uile aca, oiread agus luach pingne níor thug sé leis: a chuid: a mhaoin. Budh mhór an tábhacht dom dá labharthá ar mo shon, ó tá an oiread cómhachta agat: tairbhe: maitheas. Lé n-a thábhacht, dar leis, dhéanfadh sé taidhbhse de shuaraidheacht: mór-is-fiú. Ar chuiris aon tábhacht ina chuid cainnte, dar liom gur bh'fhiú a chur?: nath nó suim lé n-a feabhas, a héifeacht, an bhaint a bhí aice lé himtheachtaibh áirighthe.

tábhachtach: *a.* luachmhar, tairbheach, cumasach, suimeamhail, go maith as. An siopa is tábhachtaighe ar an mbaile: is mó go bhfuil trácht ann: is cumasaighe. An rás déidheannach an rás is tábhachtaighe: is mó go bhfuil geall as: gur ann is fearr capaill: is mó lé rádh ag an sluagh. An Nodlaig an fhéile is tábhachtaighe san mbliadhain ag an gcineadh dhaonna: is mó go gcuirtear suim innte. Is mór-thábhachtach d'aon tír dul do bheith aice ar an bhfarraige mhóir: gádhtarach, lán-tairbheach. Tá uisce ar an rud is tábhachtaighe san gcath so na fásaighe toisc a ghainne is a fhánaighe: is mó lé rádh: is tairbhighe. Duine beag-thábhachtach ar an mbaile anois é cé ná raibh sé mar sin, b'fhairsing í a ainm is budh mhór é a ghradam: gan puinn suime ná áird ag éinne air.

Cothuigh do cháil agus tabhair aire dhuit féin duine mór-thábhachtach ges na daoinibh thu: tá a ngradam 'sa meas agat. "...agus leigthí tharaibh an chuid is tábhachtaighe den dligheadh, comhthrom, agus trócaire agus fírinne, etc.": is mó brighe agus is sia toradh. Níl oiread agus aon fheirmeóir tábhachtach amháin san áit, gabháltas beag atá ag gach nduine aca: acfuinneach, maoineach. Beidh scéala tábhachtach ar an gcogadh ar an gcraolachán anocht: gur fiú éisteacht leis toisc na nidhthe a luadhfar ann ar an mbaint a bhéas aca lé beatha na ndaoine. Tugtar tosach don rud is tábhachtaighe: is mó lé rádh: is géibhinnighe. Budh thábhachtach an duine indiu thu, scata ag cur do thuairisce: mór lé rádh: duine go raibh áird is suim ann. Leitir thábhachtach í sin, ná déin aon dearmhad de í do chur i bpost: go bhfuil brigh léi: go bhfuil éifeacht lé n-a scríobh: mór-luaigh. An t-anam is tábhachtaighe don duine: gur tairbhighe dho i ndeireadh, dála bheith aireach air. Budh thábhachtaighe go mór de chainnt trácht ar shíothcháin 'ná leanamhaint don gcogadh: is í b'iontsuime is budh dhóchaisighe dos na daoinibh.

tábhachtacht: *b.3.* mór-is-fiú, mór-lé-rádh, géibhinneacht, gádhtaracht. Mara mbeadh go raibh tábhachtacht éigin ag baint leis an dturas obann thar bóchna chómh fada ó bhaile ní dhéanfadh sé é: géibhinneach, ná fuilngeóchadh moill ná rud eile ach a fhiadhnaise féin. Léd thábhachtacht, is dócha, ná labharfá leis na daoinibh: tú bheith níos mó lé rádh 'ná do chómharsain: mór-is-fiú, dar leat. Ag dul i dtábhachtacht atá an parróiste seo, féach a bhfuil de dhaoinibh deóranta, d'uaislibh is uile ag turasadóireacht air: breis cheann dhá thógaint de, suim agus nath dhá chur ann: breis chonbharsáide aige. Cathair le tábhachtacht Áth Cliath: mórán rud innte agus ag baint léi go bhfuil aghaidh is suim na ndaoine ortha.

tábhachtmhaire: *b.4.* aiste bheith tábhachtach; géibhinnighe, éifeachtacht. Théigheadh gach éinne ag ceannach 'on tsiopa chéadna lé n-a thábhachtmhaire: an meas is an gradam a bhí air. Crochfaí duine budh lugha tábhachtmhaire 'ná é ar an gcoir a bhí air: ná beadh an oiread gradaim ameasc na ndaoine aige. Luathuigheas ar mo thriall toisc tábhachtmhaire an scéala a bhí dhá iomchar agam: géibhinnighe. Dá thábhachtmhaire d'fhear é, fuair sé bás gan oiread is feóirling ruadh ina sheilbh: dá mhéid an acfuinn a bhí aige is a chéim ameasc daoine.

tábhachtmhar: *a.* géibhinneach, mór-ualaigh, mór-spéise. An bhfuil aon scéal tábhachtmhar agat dom thar éis do thurusa?: scéal gur fiú éisteacht leis: go bhfuil brigh nó éifeacht leis. Fairír ní rabhas tábhachtmhar ach tamall: m'ainm anáirde lém cháil, maitheasaidhibh, etc.

tabhaileáil: *b.3.* tuargaint, suathadh, stealladh. Fuaireas tabhaileáil an diabhail bhuidhe féin ón gcath breóidhteachta san atá curtha dhíom agam, níor fhág sé brigh an speáin ionam: suathadh, tuargaint. Tá a rian orm ag tabhaileáil an tsaoghail: clampar. Thug an bheirt dhóirneálaidhthe tabhaileáil cheart dá chéile, ní fheicfeá súil ná béal in éinne aca tar éis an bhabhta: tuargaint: stialláil a shuathaidh ó thalamh iad. An oiread san tabhaileála ag an mbád dhá fhagháil sa bhfarraige shuaidhte gur ar éigean dob fhéidir í do rámhaidheacht: caitheamh is tuiteam is luighe. Ná tabhair aon tabhaileáil don gcalán nó doirtfir an t-uisce as: suathadh: corruighe suaidhte.

tabhaileálaim: *b.a.* suathaim, tuargnaim, steallaim ó thaobh taobh. Ná tabhaileáil me, adeirim, nó ní fhoidhneóchad uait é: ná suaidh me: ná tabhair súnc dom. Má bhuaidh bhur bhfoireann féin tabhaileáladh go maith iad: suathadh: tuargnadh: caitheadh is súncadh iad. Thabhaileáladar a chéile ó thalamh sa bhrughadh sa doras d'iarraidh dul isteach: bhrúghadar is shuathadar. Tabhaileáladh me má deineadh éinne riamh leis an mbreóidhtigh úd: suathadh: cuireadh mo bhrigh is mó neart trí chéile.

tábhairne: *f.4.* teach (tigh) ólacháin, leanna; áit go mbíonn deocha mearbhaill ar díol. Rachfam go tigh an tábhairne lé hintinn ag ól. Fear (bean) tábhairne: gur leis é nó a bhíos ina bhun. "Nuair théighim go tigh an tábhairne is glaodhaim ar an sonas/ is éascaidh bhíonn táin díobh ag teacht síos". Baineann an drúncaer an díon dá thigh féin is cuireann ar an dtigh tábhairne é. Lá sa tábhairne is lá sa tsúsa is lá eile ag soláthar cúcha: lá ag ól, lá tinn ina dhiaidh is lá ag obair ag tuilleamh fiacha an óil. Seachain tigh an tábhairne nó báirnigh is beatha dhuit: ní bheidh rud agat ach gan bheith ag ól. Friothálaidhe tábhairne: bean nó fear a riarann deocha mearbhaill. Im sheasamh ag an dtábhairne: an chonntabhairt mar a mbí na deocha dhá fhreasdal ar dhaoinibh.

tábhairneóir: *f.3.* duine go mbíonn tábhairne aige. Budh ghnaoidheamhail liom tábhairneóir gnaoidheamhail lé linn mo tharta: ceannsa, cáirdeamhail.

tábhairneóireacht: *b.3.* coimeád is aire tigh tábhairne.

tabhairt: *b.3.* (*-bhartha*) bronnadh, aistriughadh ó sheilbh nó smacht dhuine do dhuine eile, do mhalartughadh, breith ar tárlachtaint, do chur i gcúram duine ar feadh tamaill; do dhearlacadh; do dhéanamh, do ghéilleadh; do thréigean, do scéidheachtaint, do sholáthar, do ghairm etc. An freagra a bhí tuillte aige níor mhaith liom a thabhairt air: do rádh leis. É chómh lag san ná raibh ann freagra do thabhairt: eolas do chur in iúil: do rádh. Tá an fear ró-lag tar éis na tabhaileála chun fínéachta do thabhairt uaidh: do rádh as a bhéal. An lá déidheannach caithfidh gach éinne cunntas do thabhairt ann féin: bheith freagarthach ina chorthaibh. Ná bí ag tabhairt aon órduighthe dom-sa mar ná tógfainn uait iad: ghá gcur in iúil orm. Ná bí ag tabhairt aon phioc ded chuid teallaireachta dhom-sa mar ná foidhneóchainn uait í: ag labhairt go droichmheastamhail liom. An iomad dá cheann dhá thabhairt do-san lé fada agus is furaist aithint ar a droich-iomchar é: dhá leigeant leis. D'iarradar orm amhrán agus annsan babhta rinnce do thabhairt: cantain agus teasbáinteas rinnce. Ní rabhamair ar intinn ach an chor amháin eile do thabhairt: na líonta do chur fé bhrághaid éisc. Tá sé ar intinn agam turus do thabhairt oraibh lá éigin: dul ar cuaird chughaibh. Budh dheacair dom an rud ná fuil agam do thabhairt uaim: scaramhaint leis lem thoil. Chuaidh sé i ndiaidh a chúil tar éis a lámh agus a fhocal do thabhairt: geallamhaint láidir do dhéanamh. Bó do thabhairt ar chapall: malartughadh do dhéanamh. Bhíos ar tí bronntanas do thabhairt do as a fheabhas: do bhreith ina sheilbh do. Is é atá tuillte aige ionad na honóra do thabhairt do: do dháil air. Úghdarás do thabhairt dom ar an áit: cead d'fhagháil é do bheith fém smacht. D'iarr sé orm mo bheannacht do thabhairt do: a ghuidhe do. D'iarr sé orm m'fhocal do thabhairt do ná hosclóchainn mo bhéal arís ar an nidh a bhí ráidhte agam leis: geallamhaint go diongmhálta. A cheann do thabhairt don gcapall: an tsrian do scaoileadh (bogadh) leis. Ní fhéadfainn a thoil ar fad do thabhairt do: leigeant do pé rud budh mhaith leis do dhéanamh. Budh mhór leis dhá phúnt

do thabhairt ar fheighre bróg: an méid sin d'ioc asta. Chúig phúint sa tseachtmhain do thabhairt do a bhí uaidh: an méid sin tuarastail as a sheirbhís. Céad púnt sa bhliadhain do thabhairt as a chois do chailleamhaint: an méid sin éirice. Sin é an giúistís go raibh fonn air sé mhí príosúin do thabhairt dom: an méid sin duaidhnéise. Tá sé ábalta ar thabhairt mar gheóbhadh: freagra ar fhreagra: buille ar bhuille, etc. B'fhearr leis bheith ag tabhairt gach re seadh dhom-sa ná a chúram do dhéanamh: ag freagairt i ngearr-aighneas. Chun bó do thabhairt bainne uaithi ní mór di cineál d'fhagháil: do sholáthar. Ní raibh coinneall ná íle againn chun solais do thabhairt: do sholáthar. Chun easonóra do thabhairt dom a labhair sé borb liom: me do ghríosadh. Gan aon tor do thabhairt air, an rud ceart do dhéanamh leis an gcladhaire sin: a rádh. Mo mhála do thabhairt don ngiolla lé hiomchar: do chur ar a choimeád seal. B'éigean dom tabhairt suas bhíos ró-thraochta ag an obair: géilleadh: stad di. Is furaiste lé halt dhuine preab do thabhairt: corruighe gan choinne do dhéanamh. Tá fallaidhe an tighe ag tabhairt: ag scéidheachtaint: an bun thíos ag cailleamhaint a ghreama. Chaitheas díom an t-ualach do bhí snáithínidhe an droma ag tabhairt agam: ag lagughadh fén strus. Níl tón na cathaoireach seascair, níl aon tabhairt: géilleadh do mheádhachtaint duine. Táim ag tabhairt mo bhearta suas, tá an iomad den aois agam: ag tréigean mo ghnótha. Is minic, minic a hiarradh air an t-ól do thabhairt suas nó go bhfágfadh sé cimiar air: é do thréigean: stad de. Bíonn an-thabhairt amach ar Áth Cliath ar Aonach na gCapall: teasbáinteas. Ná bí ghá fhiafruighe anois, tá sé ag tabhairt an fhéir le fada: marbh. Ag tabhairt m'aghaidh siar do bhíos ar mo dhúthaigh féin: ag triall sa treó san. Táimíd ag tabhairt ár n-aghaidh ar an bhfarraige: ag gluaiseacht lé hintinn dul uirthi. An bád ag tabhairt a haghaidh isteach: fé dhéin na talmhan. Bír do shíor ag tabhairt as: ag breith rud éigin leat. Bead ag tabhairt ar an mbaile anois gan a thuilleadh maille: ag triall air. Ag tabhairt ainmeach orm dob fhonn leat an eadh?: ag glaodhach ainmeacha neamhthaithneamhacha orm. Bí ag tabhairt fén mbóthar anois, tá turus fada rómhat: ag gluaiseacht. Níl aon amhras ná go bhfuilid ag tabhairt fé chéile go binbeach sa Rúis: ag ionsaidhe. Díreach agus é ag tabhairt chugham (fúm) lé dorn ritheas uaidh: ar tí me do bhualadh. Sid í an chéad tabhairt fé agam, ní dócha go n-éireóchaidh liom cheal taithighe: ghá tástáil. D'iarras ar Dhia fuascailt do thabhairt air is gan leigeant do bás d'fhágháil: do bhronnadh air. Go saoraidh Dia sinn dá gcloisfeá é sin ag tabhairt mionn do scannróchadh sé an t-anam: ag caitheamh mionn. An seabhac gorm ag tabhairt guir dos na huibhibh: ina shuidhe ortha. Táim ag cuimhneamh 'sag smaoineamh d'iarraidh ainme an fhir úd do thabhairt liom: do bhreith chun mo chuimhnte. Is geairrid a mhairfidh sé má tá sé ag tabhairt fola mar seo: ag sileadh. Is beag air Dia do thabhairt: mionnughadh: ainm Dé do thógaint gan adhbhar. Nách lom an gort é sin, níl aon tabhairt ann: mianach tortha. Dá mbeinn ag gabháil de ó shoin ní bhfaghainn aon tabhairt ann: aon ghéilleadh: aon lagadh ar a dhoichte. Dá mbeadh a thabhairt agam-sa do gheóbhfá é agus fáilte ach níl: cómhacht a bhronnta, scartha leis. Is iongtach an tabhairt atá sa tsoitheach is aon diúir do bheith fós ann ar a bhfuil ólta as: cuimse dighe. Bíodh muinghin as níl sé claoidhte fós, tá árd-thabhairt amach ann: coingheall lé buaine. An dóigh leat ná go bhfuil sé ag tabhairt cuid de gheátaidhibh a athar leis: ag dul leis. Táir ag déanamh go maith ar an gcéird, táir ghá tabhairt leat: ghá foghluim. Fógradh dom é do thabhairt liom gabhtha: do bhreith chun cinn ar an gcuma san. Dréir gach deallraimh nách fada uaidh an chabhair go bhfuil sé ag tabhairt na gcor: an bás go bhfuil sé ins na croithidhibh déidheannacha. Bí ag tabhairt aire dhuit féin ar an ndigh, ná héaluigheadh sí ort: ghod sheachaint féin uirthi. Droich-iarrachtaidhe atá dhá thabhairt aige: tástáil lag. Ar an slighe

a bhí sé ag tabhairt dhá thaobh an bhóthair isteach bhí breis agus a choisce caithte aige: ag dul ó thaobh taobh i ngrogaidhibh. Ag tabhairt cómhraic (catha) uaidh in aghaidh an uile dhuine aca: ag cur catha etc. ortha. Ag tabhairt a bhreithe dubhairt sé go raibh an cosnach ar an bhfear budh mhacánta dá dtáinig os a chómhair riamh: ag déanamh breitheamhnais dréir na dlighe. Mara mbeadh go mbítear ag tabhairt láimhe leis bheadh thiar air: ag cabhradh leis. Dein rud orm agus b'fhearra dhuit tu féin do thabhairt suas do Dhia: do thoil do chur le toil Dé. Aon locht orm, an eadh, taithneamh do thabhairt do chailín ghleóidhte: grádh do bheith agam di. Táir dhá thabhairt ar t'aimhleas aige: ghod tharrac ar bhealach ná fuil ceart. Dia d'bhur dtabhairt dá chéile: do shnaidhmeadh lé chéile. Níl aon tabhairt féasóige ionat: mianach a fásta. Ná bí ag tabhairt eascainithe ar a shon, ní fiú é é: ag dearbhadh. Siúd é an fear go bhfuil an tabhairt amach aige ar a ngníomhtharthaibh: an cunntas cruinn, iomlán. Bainis go raibh tabhairt amach dhá lae uirthe aca: coinnimh: biadh, deoch etc. etc.

tabhall: *f.1.* gléas chun cloch nó urchar eile do chaitheamh as. Bhuaileas lé hurchar as mo chrann tabhaill é. "Amhail an té cheanglas cloch a gcrann tabhaill, mar soin don té bheir onóir d'oinmhid" (Seanráidhte XXVI. 8): is ionann iad, ní fhanaid.

tabhartha: *a.r. & a.* tugtha, bronnta, beartha, tógtha, etc.; traochta, cnaoidhte. Tá an béal tabhartha go maith agat do: a dhóthain det theangain fachta aige. Is fada tabhartha suas do é lé n-a fheabhas d'fhear: admhálta. "Deirtear gur cladhaire críochnuighthe é" – "sin é atá tabhartha suas do": géilleann an choitchiantacht gur mar sin atá. An bhfuil an talamh tabhartha suas dá mhac aige: caithte suas: seilbh tugtha dho ann. Bhíodh sé ró-thabhartha don ól, is briseadh é: an iomad ceana aige air: ró-leagtha lé bheith ag gabháil do. Ní haon chomórtas mise anois duit, tá mo lá tabhartha: pé brigh a bhí ionam tá sí spréidhte. Is olc atá do shaoghal tabhartha agat gan oiread agus leathphingne ruadh thar éis do shaothair agat: caithte: curtha. Caithfead stad táim tabhartha: traochta: mo neart ar fad caithte. Tabhartha ag an siubhlóid: claoidhte: gan ann a thuilleadh do dhéanamh. Sin talamh atá tabhartha, ní haon mhaith faic do chur ann: brigh an tortha imthighthe, súighte as ag an gcuradóireacht. An bhfuil do chadhnradh tabhartha?: an aibhléis dulta i ndísc ann. Níl aon chnaipe ina chuid éadaigh ná go bhfuil tabhartha: a ngreim caillte aca. Ní fada ón dtaoide do bheith tabhartha: caithte amach. Is gránda an íde atá tabhartha air aca, ní aithneófá súil ná béal ann ó bheith ag gabháil air: tugtha: déanta leis. Cé gur shaoil gach nduine go raibh sé go tabhartha i ngrádh léi, féach gur fhág sé annsan sa deireadh í: í an-dhílis di. Cad é an gean a thug sé don áit seo go bhfuil a aghaidh tabhartha chómh mór san aige air: go ngnáthuigheann sé é. Cad é mo ghnóth-sa dho ó tá a thón tabhartha anáirde agat: a raibh ann ólta agat. Is é an truagh é, mar budh mhaith an duine i mbun tighe é, tá a thón tabhartha anáirde anois: é bochtnuighthe, dealbhuighthe. Árd-dhroch-dhul atá aige ar mhaireachtaint tá sé tabhartha suas chun báis ag triúr dochtúiridhe: sin í breith dréir a dtuairme. Me tabhartha ó (ag) ghol: traochta. Cad air go bhfuil sé tabhartha anois? is iomdha rud tástálta aige: ag gabháil de. Is fada tabhartha fén mbóthar abhaile iad: imthighthe ar a dtriall. Dá mbeadh sé tabhartha im láthair d'innseóchainn rud éigin: beartha: tugtha: glaoidhte. An uile bhraon alluis tabhartha agam anois: silte. Casadh leis gur mhac tabhartha é ná raibh a fhios aige cér bh'é: leanbh neamh-dhlistinneach, nár saoghaluigheadh fé chuing phósta.

tabharthach: *a.* fial, searnach, tugtha do thabhairt. Fola tabharthach seadh rubar, raghadh faid air lé n-a tharrac: searnach, sínteach. Is deacair duit puinn den tséan do bheith agat mar is agat atá an lámh thabharthach: bronntach, fial fé thabhairt. Táim ar mo dhícheall d'iarraidh é do stracadh as a phréachaibh ach níl sé tabharthach: géilleamhail: claon lé teacht liom ar m'iarrachtaidhibh.

tabharthas: *f.1.* aisce, tiodhlacadh, bronntanas, buaidh intileamhail a saoghaluightear lé duine is a bhíos ann ó dhúthchas; rud a tugtar do dhuine gan a chúiteamh ná a luach d'fhagháil. Ar theacht do rud a theastuigheas go cruaidh nó gan choinne leis deirtear, "tabharthas ó Dhia chughainn": aisce: bronntanas. Ag gabháil bhuidheachais lé duine go croidheach sé deirtear, "conách do thabhartaistidhe ort": tuilleadh agus tuilleadh d'aiscidhibh chughat. B'eól di siúd cad déarfadh sí, cathain, agus connus, mar bhí tabharthas aighnis aice: tréith nó feart speisialta a saoghaluightear lé duine. Moladh lé Dia i gcionn a thabhartaistidhe: i dtaobh a thiodhlacaidhe. Chuirfeá i dtabharthas lé Seán é: d'aithneófá ar Sheán é. Cé leis go gcuirfeá i dtabharthas é?: cé leis go ndeallramhófá é? "Tabharthas Uí Bhriain is a dhá shúil ina dhiaidh agat é", nuair tugtar rud go doichilleach. Nár bh'é an tabharthas duit, é do bhualadh chughat, fear chómh maith leis: bail: rath. Is mór an tabharthas do dhaoinibh bochta an braon bainne is an práta do bheith aca: an t-ádh. Tabharthas do dhuine clann mhaith do bheith aige: tairbhe iongtach. Budh dheacair tu do chur i dtabharthas ód mhuinntir: iarracht do thabhairt ar a chur ina luighe ná fuil gaol agat leo. "Agus adubhairt Maoise, "caithfe tú mar an gcéadna tabharthais agus íodhbairt loisce do thabhairt dúinn, lé ndéanamh íodhbairt don Tighearna ár nDia" (Ecs. X. 25): rud éigin do thairsgint do Dhia. "Sé an tabharthas agat é", rud go gcuireann duine lúib istigh ann agus nách fiú puinn é.

tabharthasach: *a.* fial, rabairneach. "Is tabharthasach a thugais uait é" (searbhas), deirtear lé rud nách fiú do bhronnadh ar dhuine. Is tabharthasach í lámh Dé i gcómhnaidhe: bíonn bronnadh gach aisce aige: is fial fé n-a thrócaire é. Budh mhór an truagh mairg ná eile go deó air mar b'é budh thabharthasaighe: fial rabairneach fé n-a chuid.

tabharthóir: *f.3.* duine a thugas uaidh, a bhronnas, etc. Níl aon tabharthóir déirce annso ach é: duine ná fuil teóra lé n-a charthanacht.

tabhraim: *b.a. & n-a.* feic **tugaim**

taca: *f.4.* cabhair, cóngamh, greim cos, buannacht; banna urradhas; pionna (tairnge), dola, croga, biorán; duine muinghineach; aice, cómhgar, cómharsanacht; tráth (áirighthe), uair. Níl aon amhras air ná gur maith an taca atá agam is bheith ag brath ort-sa (searbhas): fear cónghanta. Tháinig iogán ar an bhfalla is b'éigean taca do chur leis nó thuitfeadh sé: teannta: sail adhmaid a choingbheóchadh ina sheasamh é. Nuair rug an saoghal gann dealbh air mara mbeadh taca maith do bheith ionat-sa, ní bheadh a thuairisc indiu ann: duine a bhí i ndán cabhartha do thabhairt do. "Taca lém cheann is mo hannlaidhe sínte": rud a iomcharas nó a choimeádas anáirde meádhachtaint aon rud. Taca cinn: adhairt, cúilín, peiliúr. Chuireas mo chosa i dtaca i méiscre na carraige: chuireas i ngreim ann í. Mo chos i dtaca an dorais: ina choinnibh chun ná stroillfinn nó ná hosclófaí nó ná

hosclóchadh: i dteannta. Chuir sé a chos i dtaca, ní chorróchadh sé dá ndéintí greamanna seabhaic de: chuir stailc suas: ní ghéillfeadh sé órdlach. Cuir taca léd bhéal, tá an iomad cainnte ar fad agat: cosc. Labhair sé gan aon taca ní raibh aon ghábhadh aige leis: cabhair: gan grúsadh, gan griogadh. Taca lé hobair aon lá seadh é: duine gur féidir muinghin do chur as. An lá b'fhearr a bhí sé níor mhaith an taca é: níor mhór le rádh é maidir lé n-a fheabhas. Tabhair taca liom ar feadh tamaillín, táim an-bhroideamhail: lámh chónganta. Scaoilfí amach ar bannaidhe é ach ní bhfaghadh sé éinne a raghadh i dtaca air: in urradhas: a raghadh fé go gcóimhlíonfadh sé breith na cúirte. Um an dtaca(id) so bhliadhain do báthadh é: an tráth so den mbliadhain. An dtacaid seo anuiridh díreach do tháinig an pléasclach isteach ar an dtráigh: an t-am so. Tagann sé chughainn an dtacaid seo d'oidhche i gcómhnaidhe: an t-am so: tímcheall na huaire seo. Raghad-sa i dtaca leat, coingbhigh do ghreim: ag cabhradh leat. Glacfad t'fhocal mar thaca leis: mar urradhas: creidim uait an méid adeirir. Taca an tseóil: an cúinne íochtarach tosaigh do. Croch do chasóg ar an dtaca atá ar chúl an dorais: pionna adhmaid. Cár cás san i dtaca le holc: níor bh'fhiú faic san i gcómhnáird leis. Biadh gan puinn taca é seo, ní mór cruadh-oibre a dhéanfadh duine air: scabhárd: oileamhaint. Nílir ag gluaiseacht gan do thaca bóthair: cabhair: cóngamh: bata siubhail. Beirimís taca an lae de bhiadh linn ar ár dturus fada: oiread agus bheidh ag teastáil. Déanfadsa taca dhuit, má imthigheann aon rud ort: raghad it ionad.

tacaidheacht: *b.3.* cabhair, cóngamh, teannta, urradhas, daingniughadh, dearbhadh. Tabhair tacaidheacht leis, tá sé ró-lag: cóngamh, cabhair. Tabhair an earra dho, déanfad-sa tacaidheacht leis: cabharfad leis chun díolta aiste. Déanfad-sa tacaidheacht air go bhfaghair do chuid airgid: raghad in urradhas go bhfaghair má theipeann sé féin ar aon chuma. Thug sé tacaidheacht dhom leis an mbuin go mbéarfadh sí go luath sa mhí seo: chuaidh sé fé: thug geallamhaint go mbéarfadh nó mara ndéanfadh go bhfaghainn éiric innte. An raghfá i dtacaidheacht céad púnt sa bhannc orm: in urradhas. Gheall sé na huirc is na hairc, ach ní raibh sé chómh maith lé n-a thacaidheacht: níor chóimhlíon sé a gheallamhaintidhe ná a chomaointidhe. Ní mór an tacaidheacht atá anois ann, tá sé cromtha liath: neart, brigh chun ruda do dhéanamh. Dá bhfaghadh sé aon bheagán eile tacaidheachta raghadh sé isteach ina theachta dála. Sin é an scéal atá aige agus a thacaidheacht lé n-a chois: a dhearbhadh. Bata maith chun tacaidheachta ar chnoc seadh é: chun cóngaimh siubhlóide. Éireóchad as an gcluiche seo ma bhíonn aon tacaidheacht cúl-chearrbhaigh ann: éinne ná baineann leis an imirt ag tabhairt éachtainte nó ag cur rud as a shúilibh d'imirtheóir. Níl aon rud im shiopa ná go dtabharfainn duit ar thacaidheacht an fhir seo: ar a fhocal do bheith leat. Ná bíodh aon mhilleán agat air, tá sé ró-óg fós chun aon tacaidheachta do bheith ann: an oiread nirt is go bhféadfadh cabhair do thabhairt uaidh. Maidir lé tacaidheacht níl sí ann, tá sé ina mhairtíneach ag dathachaibh: aon tsaghas luadair maith. Dhein sé tacaidheacht liom agus me ag dul thar claidhe: theanntuigh sé liom.

tacamhail: *a.* muinghineach, cabharthach, tráthamhail, daingean, acfuinnneach. Bheadh sé ar fhearaibh thacamhla na cúige dá mbeadh ciall aige is gan bheith chómh tabharthach fé n-a chuid: strusamhail: maoineach. An é seo an laoch a chuireas ag cabhradh linn? chuiris go tacamhail uait é!: cóngantach, acfuinneach, láidir. Ná tagadh aon imshníomh ort ná go ndéanfaidh sé an bheart duit, fear is tacamhla 'ná é is deacair d'fhagháil: is mó

go bhféadfá muinghin do chur as. Bheinn annso tacamhail go leór dá mbeadh a fhios agam go mbeadh aon rud dá bharr agam: tráthamhail. Maran raibh fallaidhe tacamhla fén gcaisleán ní lá fós é, ar éigean do dhein gunnaidhe móra féin lámh ortha: daingean, acfuinneach, doi-leagtha.

tacamhlacht: *b.3.* iontaoibheacht, muinghineacht, daingneacht, neart, cóngantacht, teanntacht, tráthamhlacht. Is é mo thuairm nách aon tacamhlacht dom bheith ag brath ort, ní heólach dom go gcuirir aonnidh chun cinn: daingneacht: iontaoibh. Sin biadh go bhfuil tacamhlacht do dhuine dian-oibreach: neart: oileamhaint chun a neartuighthe. Is mór an tacamhlacht ar na brógaibh na tairngidhe do chur ionta: cosaint ón dtalamh, is neartughadh. Nuair rugas air, d'aithnigheas ná raibh sé láidir a dhóthain, níor bhraitheas aon tacamhlacht ann: tathnag fém bhraithstint. Dá dtagadh sé in aon tacamhlacht bhéarfadh sé ina beathaidh uirthi, ní fada bhí sí tréis mharbhaibh: tráthamhlacht. Sin a raibh de thacamhlacht ann, ní fhéadfadh sé a thuilleadh a dhéanamh: a lán-iarracht.

tacar: *f.1.* soláthar, bailiughadh, gluais, seift; sócain, glíomach, láimh dhéanta. Cos thacair atá fé, sin é fáth a bhacaighe: cos chrainn: ceann a deineadh do in ionad an chinn nádúrtha. Ní bhfaighim mórán tacair id chonnlach: léasacha i ndiaidh do bhailighthe: aon rud ar bóiléagar id dhiaidh. Ag déanamh tacair i gcómhair an lae chruaidh: ag bailiughadh isteach is ag déanamh lóin. Bítear ag maoidheamh air i dtaobh a mhaoine, ach is agam-sa atá a fhios gur treise a fhiaca ná a thacar: a fhoillse: sócainidhe. Níl aon fhear tacair sa tigh ach Liam: níl neach ann is fearr chun bailighthe 'ná é. Dá mbeadh aon tsaghas áite tacair agam chun cómhnaidhthe ann faid bheadh an tigh dhá thógaint dom: áit go raghainn ann ar feadh m'easnaimh.

tácla: *f.4.* gléas chun tógála go mbíonn téada is puillínidhe ag gabháil leis. An long fé n-a táclaidhibh: i gculaith go ceart. A folt ag tuiteam ina tháclaidhibh léi go féor: ina dhlaoithibh troma.

táclach: *a.* deigh-ghléasta (long), slaod-dhlaoitheach. Tá do bhád agat go táclach: gabhtha, gléasta ar fheabhas. "Thaithneamhach, shásta, tháclach, fhionn/ 'n-a seasamh anáirde ar chlár na mionn": dlaoithe fada troma ar sileadh siar síos léi.

tácláil: *b.3.* gléasadh luinge (báid) fé théadaibh is sheóltaidbh, an gléas féin.

tacraim: *b.a.* bailighim, soláthruighim, cruinnighim. Chaith sé ar ólachán ar thacair sé riamh: ar thuill sé is chruinnigh sé. Duine seadh é a thacrann as gach áird a sholáthruigheas.

tachtadh: *f.* (*-ttha*) diúchadh, múchadh, cosc sraotha, stiúchadh, plúchadh. É do thachtadh budh cheart do dhéanamh leis: breith ar mhuineál air, an scórnach do bhrughadh i slighe is ná féadfadh a anál do tharrac. Salachar atá i gcos na píope atá ghá tachtadh: a líonas an tsraoth agus a choisceas an gol ar theacht tríthe. Tachtadh maith atá fachta ón slaghdán agam: múchadh, ceóchán is tarrac suas. Chaitheamair an lá ag tachtadh dheargán: ag breith ortha lé dubhán ar dalladh. Tá tachtadh ar bhallaigh aca: iad ag marbhadh mór-choda díobh. An t-éitheach ghá thachtadh lá éigin ná hinneósadh an

fhírinne uair éigin: do bhaint a anáile. Dá bhfeictheá annsúd é is gur dhóigh leat air go raibh sé dhá thachtadh ag feirg: ná féadfadh labhairt leis an suathadh do chuir sí air. É dhá thachtadh ag gach béalóg feóla a scaoileadh sé siar: a scórnach chómh lán san di gur ar éigean a ghaibheadh sí siar aige. An simné dhá thachtadh ag an sughadh, an phíp ag salachar, na gais, na bláthanna ag fiadhaile, etc.: dhá mhúchadh. "Acht is inscríobhtha chúcha, iad féin do sheachna ar thruaillighthibh na n-íodhal, agus ar striapthachas agus ó neithibh tachduighthe agus ó fhuil" (Gníomhartha XV. 20). Oidhcheanta bíonn rud éigin ar an aer ag tachtadh an chraolacháin gur deacair a thuigsint lé n-a neamhshoiléire: cosc ar an nglór do theacht glan. Leig dhom labhairt, ná bí ghom thachtadh ar gach cor: "ag breith ar scórnaigh" orm: ag teacht treasna orm: ag áiteamh orm. Is iomdha slighe chun madra do mharbhadh seachas é thachtadh: téadán do chur tímcheall a mhuiníl is a fháscadh go mbainfí a anál de. Cad é an cnáimhseán atá air, ná fuil biadh ghá thachtadh: a dhóthain mór de lé n-itheadh aige.

tachtaim: *b.a. & n-a.* diúchaim, bainim anal de, coiscim aer, lionn etc. ar theacht trí scórnaigh. Go dtachtaidh an diabhal thu, maran agat atá an chainnt: go mbainidh sé do chainnt díot. "Go dtachtuighthear é ná héisteóchadh a bhéal" (drochghuidhe), lé duine a bhíos ró-bhéal-scaoilteach. "Lá éigin tachtfaidh an t-éitheach thu" lé duine a bhíos ag síor-innsint bhréag. Chuaidh cnámh ina scórnaigh is tachtadh é: baineadh a anál de is fuair bás dá dheascaibh. Thacht an salachar na prátaidhe: d'fhás chómh tiugh, trom san ina dtímcheall gur choisc ar fhás iad. Thacht rud éigin an phíp, ní fhéadfainn í d'ól. Níor thacht an fhírinne éinne riamh: seasaimh i gcomhnaidhe uirthi, is í is fearr agus is dírighe. Thacht sé le feirg: chaill a theanga air ar feadh tamaill. Go dtachtaidh an bás é mara dtachtfaidh éinne eile é: go gcuiridh ina éisteacht é. Níl aon dubhán sa Daingean a thachtfadh é: árd-ghlic agus is deacair teacht suas leis. Bhailigh an oiread sughaidh sa tsimné gur tachtadh é: nár bh'fhéidir leis an ndeatach éalódh tríd. "Céaca b'fhearr T. nó S.?" – "thachtfadh T. an fear eile": bheadh sé ró-mhaith dho, pic. Budh mhór an maoidheamh a bhí ag Séamas as féin, ach fuair sé fear a thacht é: a chuir ina éisteacht é. Droichghéag seadh é, thachtfadh sé duine: mharbhóchadh.

tachtaire: *f.4.* duine nó rud a thachtas. Sin tachtaire maith dubháin agat, tá an-dhéanamh air: dubhán a mharbhóchadh mórchuid éisc. Lé seachtmhain tá tachtaire slaghdáin orm: atá ghom mhúchadh lé ciach.

tachta: (**tachtuighthe**) *a.r.* múchta, plúchta, an anál coiscthe, caol. Scrogall an-thachta atá ag an mbuidéal: an-chumhang. Nách tachta atá sé ina chuid cainnte: mall, cosc ina ghlór: gan uchtach maith aige. Is amhlaidh mar atá ag eisean go bhfuil sé tachta lé biadh: breis agus a n-oireann do dhá itheadh aige. Bóthar an-thachta do ghluaisteánaibh atá ann, níor mhór bheith an-aireach ann: cumhang, caol. Réidhtigh do phíp, tá sí tachta: rud éigin ag cosc an ghail ar theacht trí n-a cois. An carbhall do chaith sé liom do thacht ar an láthair me: bhain mo chainnt díom: níor bh'fhéidir liom freagra.

tadhall: *f.1.* braithstint, motháilt, teangmháil, téarnamh, fulang. Is deacair fearg do chur air siúd, tá fad-thadhall ann: foidhne agus fulang. D'imthigh an tadhall as mo láimh leis an bpian go léir: braithstint. Is mairg ghníos lón den mbeatha thadhaill seo mar ná fuil innte ach ó indiu go dtí ambáireach: beatha dhuthain. Thug sé tadhall den sciain dom:

sháidh sé me. Ní fios cad imtheóchaidh anois orainn, tá sé i mbearradh an tadhaill linn: an-chonntabharthach orainn. Ní fada ó chéile iad anois mara bhfuilid i dtadhall a chéile cheana: buailte lé chéile.

tadhbhas: *f.1.* taidhbhse, samhailt, spioraid. Ar maidin d'fhág sé an tigh amach, a thadhbhas ní feacthas ó shoin: radharc air. Cad tháinig air lé deireannaighe? níor fhan a thadhbhas ann: samhail: dealbh: clódh. Ní fhéadfá mise d'fheicsint ann mar ná rabhas ann, mara bhfeicfeá mo thadhbhas ar leithrigh: mo spioraid, samhladha.

Tadhg: *f.1.* ainm duine, mion-duine. B'fholláin duit aire do thabhairt duit féin air siúd, sé Tadhg an dá thaobh é, budh gheairrid an mhoill air fealladh ort: teanga liom leat: duine adeir rud agus a mheádhas a mhalairt. "Fear leibideach, seiléigeach, a chroidhe, atá agam-sa" – "ní hin aon áit amháin bhíonn Tadhg an daingin, dréir dheallraimh, sin mar tá agam-sa, leis": an clódh san d'fhear. Tóg uaim é, níl sé aon phioc níos fearr 'ná an té a bhí agam, dreatháir do Thadhg Riabhach Dómhnall gránda: go mbíonn síogaidhe trí n-a dhath: an aindeise chéadna atá ag baint leis an mbeirt. Nách breágh ná bíonn fear an tighe seo lé fagháil in ao'chor nuair theastuigheann sé, is amhlaidh mar tá aige Tadhg sa mhainistir agus a ghnóth sa bhaile. Tá a fhios ag an saoghal is ag Tadhg an mhargaidh gur stráille riamh é: níl neach nách eól do é. Slighe Thaidhg chaoich chun an oileáin atá agat chuige: aindeis, ait, neamhghasta, aistearach. Chonnac ag caochadh a shúl ar an bhfear eile é agus is é adubhart liom féin go dtuigeann Tadhg Taidhgín: go n-aithnigheann ciaróg ciaróg, cladhaire cladhaire.

tadhlach: *a.* braithstinteach, mothálach. Sagart fadthadhlach, chaitheadh sé fuaimeant is éifeacht leis go haonnidh: foidhneach, ná tiocfadh líonrith ná imshníomh air lé linn broide nó éigin. Duine tadhlach go gcuirfeadh gearán a chómharsan air mar chuirfeadh dá mb'é a chúrsa féin é: mothálach do cheasnaidhe an fhir thall. Budh mhín-tadhlach leat do lámh do chuimilt do shíoda: chuirfeadh sé taithneamh ar mhotháilt do lámh. Budh chrith-thadhlach leat teangmháil leis, bhí sé húrghránda san, an t-ainmhidhe céadna: budh mhío-thaithneamhach.

tadhlach: *f.1.* tinneas nó at tímcheall an righe ó strus oibre. Is beag an taca mo lámh dheas le tadhlach atá innte: at nó tinneas a fhágas gan bhrigh puinn í brigh an righe.

tadhlachas: *f.1.* braithstint, motháilt na teangmhála. B'aoibhinn leat do lámh do chuimilt dá folt leis an dtadhlachas a gheóbhfá as: an mhotháilt thaithneamhach a bhraithfeadh duine ina chreat.

tafann(t): *f.3.* do sheilg, thóraidheacht, sceamhghail, amhastarach, brostughadh, dian-iarraidh, ruagadh. Ní haon mhaith bheith ag tafannt orm teacht, ní thiocfad, ní bheadh aon deallramh agam leis: bheith ag iarraidh orm is ag tabhairt solaoididhe dhom gur chóir dhom teacht nó bagairt orm. Go deimhin bhítheas ag tafannt an bhídh orm dá nglacainn é, nách mór dhá chur dem aindeóin orm: ghá iarraidh go dian orm é do ghlacadh. Anois táir ag tafannt bhruighne ró-mhór orm agus brisfidh ar an bhfoidhne agam mara staonair: d'iarraidh bruighne do chur orm dem aindeóin lé griogadh is gríosadh. Bítear ag tafannt 'sag taighdeadh orm nidhthe a dhéanamh ná taithnigheann liom: téightear an-dhian orm.

Rinneadh éagcóir ar an gcapall, an iomad tafannta air i gcoinnibh an aoird is ualach i bhfad ró-throm air: gríosadh, brostughadh chun tairric. Leis an ndúil a bhí aige ann, níor iarr sé aon tafannt air, thóg sé gan mhoill é: puinn iarrata: níor ghábhadh "tóg é, tóg é", leis. Coirce chómh flúirseach san ar an margadh go raibh sé dhá thafannt ar na daoinibh: an dream gur leó é ghá rádh é d'árdach uatha ar bhreith béil an cheannuightheóra. Mná ghá dtafannt féin air lé n-a mhaoin sa strus: ghá gcur féin fé n-a bhrághaid chómh soiléir sin gur theastuigh uatha do bheith mar chéile aige, gan aon iarraidh ortha. Is gránda an rud baint do bheith aige lé mnaoi gan cheart, fiú amháin is í féin do thafannt air: tairsgint a cumaisc do. Níor leig an madra aon néall ar mo shúil lé n-a thafannt ar feadh na hoidhche: síor-amhastarach: sceamhghail. Is aoibhinn tafannt na gcon i gcomar gleanna: amhastarach gadhar ar an mboladh nó ar an dtóir. Lé tafannt mór a thógfadh sé biadh ná deoch i dtigh iasachta: lé dian-iarraidh. Tafannt a theastuigheas uaidh: thógfadh sé an rud ach bheith gá iarraidh air. Déanfad san duit gan aon tafannt: go tapaidh, áthastamhail. Cuir chun tafannta é: iarr air an rud do thógaint uait. Ní gábhadh liom tafannt ná bagairt chun a dhéanta: déanfad é go fonnmhar. Is í an bheart gan tafannt atá déanta agat, mo náire é: gan riachtanas gan iarraidh. Dá mbeifí ag tafannt oibre ar gach méir leis air ní thógfadh sé í: ghá tairsgint do go géibhinneach. An riaghaltas ag tafannt ar na fearaibh óga dul in arm: ghá athchuinghe ortha is ghá shuidheamh dóibh an fáth dian leis.

tafanntach: *a.* gríosach, brostuightheach, griogach, mealltach. Seachain thu féin ar an madra tafanntach san: a bhíos ag sceamhghail. Ná bí tafanntach anois orm, iarraim ort ar son do mharbh, níl call lé biadh ná deoch agam, dá mbeadh loirgeóchainn: dian d'iarraidh go nglacfainn é. Ó táir chómh tafanntach tógfad cuid: an oiread san fonn ort scaramhaint leis dom. Is mór an cion atá aice ort is í bheith chómh tafanntach ort: í ghá cur féin in iúil go dteastuighir uaithi.

tafanntóir: *f.3.* gríosuightheóir, brostuightheóir. Níl aon tafanntóir bruighne ins an dúthaigh ach é: duine a bhíos ag gríosadh chách chun achrainn leis. Ní chreidfinn ón saoghal mór go ndéanfadh rud gan deallramh mar é mara mbeadh tafanntóiridhe do bheith air: daoine a bhí ag griogadh air is ghá chur suas chun gnímh.

tafnaim: (**tafantaim, tafanntaim, tafantuighim, tafanntuighim**) *b.a. & n-a.* gríosaim, brostuighim, tairngim lé glacadh, tóruighim, ruagaim, sceamhaim, iarraim go dúthrachtach. Tafantadh (tafantuigheadh) an fheirm fiche uair orm is ní ghlacfainn í: tairngeadh dom í: iarradh go dúthrachtach orm glacadh léi. Ní thafantóchainn aon rud ar éinne: ní bheinn d'iarraidh é do chur air marar mhian leis glacadh leis. Tógfad agus fáilte mhór, ní gach éinne a thafantóchadh orm é: a iarrfadh orm é do ghlacadh gan me ghá iarraidh. Thafantuigheas mo chapall air chun a chuid oibre do dhéanamh: thairngeas do é agus é ag diúltadh dho. Do thafant sí í féin orm: thairng sí í féin i gcumaisc dom gan gríosadh ar bith uaim.

tagaim: *b. n-a.* ránguighim, triallaim, gluaisim. Tagann gach maith lé cáirde: ar eaga do thabhairt do rud agus foidhne do bheith againn réidhtigheann nidhthe iad féin. Is minic do mheath dóigh agus tháinig andóigh (anó): do theip an rud go mbeadh an mhuinghin as agus gur ghaibh toradh an rud ná raibh aon tsúil leis. Beidh san fada a dhóthain tiocfaidh as: searfaidh, sínfidh sé. Ní thiocfaidh sé choidhche as an dtaom so, tá droch-chrot air: ní

théarnóchaidh sé. Deirim-se leat ná tiocfair as an gcúrsa so chómh bog agus is dóigh leat, tá sé i bhfad níos íogaire 'ná mar ceaptar duit: ná béarfair do chosa chómh glan san leat. Tair as do chodladh!: múscail, mothaluigh. Cad as go dtáinighis indiu: cad as gur thriallais. Ar a dtiocfadh dom-sa as níor bh'fhiú dhom aimsir do chailleamhaint leis: ar a mbeadh dá bharr agam. Bain barra na cluaise dhíom-sa go dtiocfaidh ceól as an obair seo fós: raghad-sa fé dhuit go leanfaidh clampar é. Ghluais sé mar thiocfadh piléar as barraille guna: go lán-luath, mear. As an obair tig an fhoghluim: gluaiseann uaithi: gheibhtear í. Ar a dtagann de bhiadh as thíorthaibh thar lear chughainn anois níl ann ach leathscéal: ránguigheann sinn uatha. Tiocfaidh do bhás as mara dtugair aire dhuit féin: beidh san mar dheasca agat. Tiocfaidh fuil as so: sé crích a bheidh air mar chúrsa go leanfaidh fuil é. Tiocfaidh gála as an mbáistigh seo: leanfaidh sé í. Thiocfainn as an imirt níos fearr dá stadainn tamall sar ar dheineas: bheadh breis dá bharr agam. Tháinig na báillidhe air as: is é a bhí dá bharr aige ná féadfadh íoc is tógadh a chuid. "Ólaim do shláinte a mhinic a thig/ fé thuairm sláinte a mhinic nách dtig/ is truagh nách é minic nách dtig a thig chómh minic lé minic a thig": a thug cuaird etc. An dtiocfaidh bláth ar an bhfás san?: an bhfásfaidh? Cad tháinig air gur éag sé chómh luath?: cad í an aicíd, tionóisc etc., a thárla dho? Masmus go gcuiridh an biadh ort, as do bholg nár thagaidh sé!: nár fhaghair aon fhuascailt cuirp air. Fan anois go fóillín, tiocfad air sin láithreach baill: rángóchad an cúrsa san: déanfad tagairt do. Dá fhaid é an lá tig an oidhche: an rud atá lé tuiteam amach níl aon dul uaidh is cuma cá faid bítear ag feitheamh leis. Dá fhaid í an tráigh tagann taoide: níl aon chur siar ar an rud nádúrtha: cúitightear gach beart i ndeireadh na scríbe. Go dtigidh do rioghacht, tair ort, ná déin seiléig: gluais. Tagann taom go minic air: buaileann é. Mol an óige is tiocfaidh sí: fásfaidh sí: an té atá óg dí-chéillidhe anois beidh sé foirbhthe ciallmhar fós. Is eagal liom ná tiocfaidh an chruithneacht san, tá droch-chrot uirthi: ná fásfaidh sí. Ar an bpoll atá san lamhnán tiocfaidh as: imtheóchaidh an ghaoth as. Dá mbeinn ag gabháil den bpíp seo go maidean gheal ní thiocfadh aon rud aiste: ní bhfaighinn gal aiste. Níl aon lá sa bhliadhain ná go dtagann aiste (cneadh): go ritheann othar aiste. Beir leat ná tiocfaidh a thuilleadh as mo phóca-sa: ná caithfead a thuilleadh airgid. Cad thiocfaidh ort-sa anois go bhfuilir it aonar?: cad thárlóchaidh duit? Tair air i nganfhios do: éaluigh air: sroich é: ionsaidh. Tiocfar ort ina thaobh so fós dá fhaid a rithfidh leat: beifear ag éileamh ort: ag lorg cúitimh. Tiocfar orainn sara mbeidh an áit fágtha againn: béarfar orainn ann, rud ná teastuigheann uainn. Ní thiocfadh liom é do dhéanamh dá fheabhas a chuirfinn chuige: ní éireóchadh liom. Tair liom: gluais im fhocair. Dá gcuirinn mo thón ar an dteine is bheith ag tarrac air ní thiocfadh sé liom: ní ghéillfeadh sé: ní thabharfadh sé: ní chaillfeadh sé a ghreim: ní aontóchadh sé liom. Tagann an dá leitir seo lé chéile ar an gcúrsa atá i dtreis againn: aontuighid. Muna dtagaid leat tair leo: mair n-aontuighid leat: fág an scéal aca mar is toil leo. Lé daoinibh ceanndáine deirtear san. Dréir mar thiocfaidh liom seadh dhéanfad duit: mar rángóchaidh: mar bhead i ndán. Tá leat an turus so mar bhís ró-thapaidh dhom ach tiocfad-sa suas fós leat: bead-sa maith do dhóthain duit: béarfad-sa rómhat. Goideadh na céadta mílte púnt is ní thángthas suas riamh leis an té a dhein é: ní rugadh ortha. Ní fearr an mhias mhéith ná an mhias go dtiocfar léi: go leanfaidh a thuilleadh í. Mara dtiocfaidh a shláinte leis níl baoghal ná go n-éireóchaidh go maith leis: mara gcuirfidh sí air: mara mbíonn sí ag imirt air. Ní thiocfainn leat in aon rud ach an rud a bheadh ceart: ní aontóchainn. Seachain géaga na bunóice, thiocfaidís leat gan puinn ósbairte: scarfaidís lé n-a ngreim. Scaradar go dí-mbuidheach dá chéile agus is baoghalach ná tiocfaid lé chéile choidhche airís: ná

déanfaid muinnteardhas: ná geóbhaid lé chéile. Choidhche ní thiocfaidh sé ón mbualadh so: ní éalóchaidh: caillfear ann é. Tagtar ó gach rud ach ón mbás: téightear i bhfeabhas: beireann duine na cosa leis. Is ón bpeaca tháinig an bás: b'é an bás budh bhun leis. Tháinig sé ó Áth Cliath in aon ló, budh mhór an siubhal é: thaisteal sé go dtí so. Cé uaidh go dtáinig sé?: cé scaoil amach mar scéala é? Cé uaidh go dtáinig an leitir ait seo?: cé chuir uaidh í? cé uaidh thusa? ce dho gur teachtaire thu. Cad uaidh go dtáinig an t-at id chorrán?: cad budh bhun leis? Tiocfaidh an t-at san chun braoin, is é clódh atá air é: déanfaidh sé braon. Tiocfaidh an bhreóidhteacht chun fiabhrais do mara bhféachtar chuige de gheit: fiabhras a leanfaidh í. Ar ádhbhar do chur thart gach seachtmhain thiocfadh sé chun suime i gceann na bliadhna: dhéanfadh múirle beag airgid de. Ní thiocfadh sé chun tíorachais pé tláithínteacht a dhéanfainn leis: ní mhaolóchadh sé: ní raghadh sé chun síbhialtachta ná míne. Nuair thiocfaidh sé chun céille déanfaidh sé fear maith: nuair rángóchaidh ciall aige trí aois. An dtáinig fear an tighe seo chun tíre fós?: ar shroich sé an baile. Is maith a bhí a fhios agam go dtiocfá abhaile uait féin: go ngéillfeá: go n-admhófá do dhearmhad. Tair slán beo! fáilte rómhat: tá déanta go hiongtach agat: tá géillte agat don áiteamh a bhí dhá dhéanamh ort: árd-obair etc. Na nidhthe a gheall Críost ar an dtalamh so tiocfaid chun críche: tárlóchaid. An dtiocfaidh an scéal úd chun críche choidhche?: an raghaidh aon bhun air? Tiocfad chugham féin i gcionn nóiminte, ní raibh san méid úd ach túm reatha: téarnóchad: bead chómh maith agus bhíos riamh. Chughat féin nár thagair maran furaiste thu do chur ag gearán: ins an mhaith chéadna ná rabhair. Dá chneastacht do bheinn leis ní thiocfadh sé chun muinnteardhais liom: ní dhéanfadh sé muinnteardhas liom. Tagann an dath éadaigh sin go maith dod shnódh: réidhtigheann leis: oireann sé do. Tiocfaidh do bhás duit as an bhfliuchán san gan aire d'fhagháil: tárlóchaidh sé amhlaidh sin duit. Ní siúrálta biana ar bhata bacaigh 'ná ná tiocfaidh duit do leas do dhéanamh má chleachtair droch-chuideachtaidhe: ná rángóchaidh duit: go mbeidh an mío-rath ort. Dá dtiocfadh dom fanacht sa bhaile ní bheadh so d'iomard orm: dá mbeadh de chiall agam: dá dtárlóchadh dom etc. Tiocfaidh san chun do thairbhe fós: déanfaidh san maith mhór dhuit. Aon rud go mbeadh láimhseáil agam ní thiocfadh chun maitheasa dhom: ní bheadh faic dá bharr agam. Tiocfaidh fén bplúr san áit thais sin: taisreóchaidh sé is tiocfaidh snas air is imtheóchaidh a bhlas is a dhath. Tháinig fén bhféar san aimsir cheóidh úd: thaisrigh sé is thosnuigh an bhrigh ar imtheacht as. Tabhair eaga don ngarsún, tiocfaidh ann fós: fásfaidh (eascaróchaidh) sé. Tiocfaidh san talamh má tá sé bocht féin, ach a dhóthain leasuighthe do thabhairt dho: saidhbhreóchaidh sé. Ní tháinig san im cheann in ao'chor id thaobh: níor mhachtnuigheas ar a leithéid. Is iomdha rud ait a thagann ina cheann: go gcuimhnigheann sé air. Táir ró-scaipightheach, ní thiocfaidh id phóca choidhche: ní bheidh aon airgead agat. Ó tháinig ionam táim ag dian-obair: ón am go rabhas ábalta ar aon rud do dhéanamh. Sin é, tair im choinnibh gach uair osclaim mo bhéal: bí ag treasnghail orm. Thiocfadh anam ann dá mbeadh eagla air: mhúsclóchadh sé: chuirfeadh sé crot gnímh air féin. Dá dtagadh i gcrích go mbeadh airgead agam roinnfinn ar na bochtaibh é: dá dtárluigheadh, dá dtuiteadh amach. Dá dtagtaí im choinnibh in am ní theipfeadh orm: dá mbuailtí liom chun mo chabhartha. Cé go rabhas i bhfad Éireann roimis amach agus siubhal maith dhá dhéanamh agam tháinig sé ionam i bhfaid na slighe lé n-a fheabhas de choisidhe: rug suas orm: chiorrbhaidh sé an t-achar eadrainn. Thángadar i dtír ar bhreacadh an lae: dheineadar talamh. Ní thig liom an méid sin airgid d'íoc: ní fhéadfainn. Táir mórchuid ró-dhaor, tair anuas: ísligh ar an méid atá agat dhá éileamh. Thiocfadh sé rómham gan aon ádhbhar ach chun grinn do bheith

aige orm: thiocfadh treasna orm: d'áiteóchadh sé orm: sháróchadh me. Tair roim na caoire sin, táid ag imtheacht uaim: sáruigh iad. Scata rud a thiocfadh rómham ar an mbóthar san dá ngeóbhainn ann: sa tslighe orm. Tiocfad rómhat ag stad na traenach: buailfead leat: raghad féd bhrághaid. Fan-sa go tráthnóna, tiocfad-sa rómhat: rángóchad-sa in áit áirighthe. Tiocfar thar an mbuachaill sin fós lé n-a chlisteacht: beifear ag cainnt ar lé n-a fheabhas. Má thagair tharm lé haon duine ní fhágfad fiacal id phus gan briseadh: má labhrair orm. Ná tair tharais id bhéal ná id bhrághaid lé neach beó: ná trácht air. Tiocfaidh tinneas agat mar tá an iomad ithte agat: buailfidh thu dá chionn. Tháinig cnapán agam: ar chuid éigin den chorp. Tháinig casachtach chruaidh aige as an bhfliúchán do fuair sé: ghaibh sé greim ann. Thiocfadh meisneach agam tabhairt fé dá mbeadh éinne im fhochair: de chionn cuideachtain ghlacfainn é. Thánag isteach aimsir bídh air is tháinig doicheall aige dom: bhuail mío-fháilte é dhom. Ná tagadh aon doicheall agat roim an mbás: ná glacadh aon neamh-fhonn leis thu. Toisc gan aon choinne bheith aige liom is ná feadair nách ar an dtaobh eile den ndomhan do bhíos tháinig dhá shúil mhóra dho (aige) nuair chonnaic sé me: tháinig iongadh mór air. An dtiocfadh starrán agat dom dá gcaillfinn t'uaireadóir ort: an gcuirfeadh fearg ort? Cúrsa atá dulta ró-fhada seadh é anois, ní thiocfaidh faic choidhche dhe ná bíodh eagla ort: ní cloisfear a thuilleadh ina thaobh. Ná tair treasna ar neach nuair bhíonn sé ag labhairt, rud mí-bhéasamhail seadh é: ná treasuigh é: ná cuir isteach air. Má thagann sé treasna choidhche airís orm nochtfad cuid dá bhfuil ar m'aigne dho: má bhuaileann umum. An fear is fearr a tháinig treasna riamh orm: an té is fearr do casadh orm. Is iomdha rud a tháinig treasna orm a chuir moill orm: a bhuail liom is a choisc me. Thiocfadh sé trí theine ifrinn chugham lé cion orm: níl aon rud ná go bhfuilngeóchadh ar mo shon. Pé nidh a thiocfaidh nó ná tiocfaidh ní theipfead ort: pé rud a thárlóchaidh. Tháinig Brian i gcoróin: deineadh rí dhe. Cé chreidfeadh go dtiocfadh a chainnt fíor: go dtarlóchadh mar dubhairt. Ar an gcrot atá ar an dteine sin ní thiocfaidh sí as: ní dheargóchaidh sí. Anois bíonn sé ag imtheacht ar rothar, tháinig sé anuas céim ón dtráth go mbíodh gluaisteán aige: ísligheadh é: níor fhan oiread réime fé. Ná tair im diaidh-se: ná lean me. Gach dream dá dtiocfaidh ag dul i mine is i mbréagaighe: mar saoghaluightear. Ní tháinig sé chun baile leat bheith chómh maith d'fhear liom-sa ná aon dailtín eile mar thu: ní rugadh leat é. Má tá airgead agam, ní tháinig sé in aisce ar mo chnámhaibh: thuilleas go cruaidh é. Tagann cainnt go breágh, bog ort; dá mb'áil leat é do thástáil bheadh malairt puirt agat: ní chosnuigheann sí faic ort. Tagann cainnt ina shruth chuige: cainnteóir líomhtha atá ann: ritheann sí chuige. Ní thiocfaidh sé tímcheall choidhche: ní athróchaidh sé: ní thiocfaidh sé ar aon aigne linn. Dá dtagaimís d'aon bhuidhin níor dheacair dúinn buadhachtaint: dá gcuirimís lé chéile. Tair im fhochair go ('on) Daingean: in aonfheacht liom. Tagann an teanga chómh nádúrtha air lé duine go mbeadh sí ó dhúthchas aige: labhrann chómh héascaidh í. Tháinig sé chun mo bhéil é do rádh leis ach chúbas chugham, níor mhaith liom é do ghonadh: bhíos ar tí a ráidhte. Tiocfaidh t'éisteacht duit nuair bheidh sé ró-dhéidheannach agat: tabharfair breis aire do pé nidh a bheidh dhá rádh leat. Ní tháinig sé in aon ghiorracht do bheith chómh maith liom: bhí sé i bhfad siar. Tiocfaidh san isteach i ngearradh an leathair dom tráth éigin: áiseamhail. Tagann an snag atá ina ghlór ina choinnibh nuair bhíonn sé ag tabhairt óráide uaidh: déineann bacaighe dho. Tagann dath an mhairbh air lé feirg: athruigheann líth ann. Tagann an ceal de dhíomhaointeas go minic: is é a thoradh é. Tiocfaidh gach nidh i dtráth acht fanacht leis: tárlóchaidh mar is ceart. Tháinig an meath air: theip sé ar gach cuma. Connus tháinig duit an leabharlann

iongtach san do bheith agat?: connus thárlaidh?: cad thug duit é? Is cuma cá cluthair atáid ar an gcúrsa tiocfaidh sé amach fós: beidh a fhios ag an gcoitchiantacht. Ní thiocfaidh sé choidhche sa tsaoghal go mbeidh gluaisteán agam, táim ró-dhealbh: ní thárlóchaidh, ní bheidh i gceist. Ná tagadh aon fhormad agat liom toisc an méid atá agam, tá sé tuillte go cruaidh agam: ná buaileadh droch-aigne thu. Thiocfadh an ghráin agam ort dá ndéintheá a leithéid de rud sprionnlaithe: budh cúis agam é. An dtáinig grádh agat d'éinne riamh?: ar ráinig san ort? Thiocfadh cion do chroidhe agat ar leanbh lághach: gheóbhadh cion ionad ionat do. Tagann déistinn air roim chainnt bháirseamhail: cuireann sí air í. Ní thig ciall roim aois: ní fachtar í faid bítear óg. Cad é an mío-ádh a thagann air ná héirigheann faic leis: thuiteann air. Ná bíodh aon stilí steailí ort acht bíodh "tair" nó "imthigh" agat: déin rud éigin. A dtiocfaidh 'sa dtáinig riamh ní bhainfeadh comhthrom de lé n-a chrostacht: a saoghaluigheadh is a saoghlófar. Tiocfaidh fé n-a mhuileann san ná bíodh eagla ort: beidh a dhóthain mór cainnte aige más mór leat an tost atá anois féin air. "Ní thiocfair air (ar an saoghal)", deirtear lé duine go mbíonn fuadar nimhe oibre fé; gur dhóigh leat ná beadh leath a chúraim ar éinne. Ná tagadh aon truagh agat do, tá a bhfuil dhá fagháil aige tuillte aige: ná glacadh truagh thu. Tiocfaidh do chiall fós duit: foghlumóchair í. Tagadh staidéar ort: fan socair: ná bíodh oiread gleóidh agat: ná bí ag rith leat féin ar fad. Go dtagaidh an diabhal air cad tá uaidh gach aon nóimint: ag an ndiabhal go raibh. Tháinig an diabhal ar an ndúthaigh chéadna lé déidheannaighe: d'imthigh sé chun raice. Tagann an bás ar nós an bhitheamhnaigh: triallann sé i ndáil dhuine. An dtiocfaidh puinn den méid atá agat orm?: an luigheadófar é? Tiocfaidh a thuilleadh den ndola sara mbeidh sé caol a dhóthain: caithfear é do shnoighe breis. Ná tair follamh: bíodh rud éigin id bhealach agat. Tagann an cáirde is ní díoltar na fiacha: ionbhaidh a n-íoctha. "Féach, go dtagann an lá", leis an mbás, cúiteamh nó rud a bhíos curtha ar an méir fhada, an tráth lé haois ná bíonn duine i ndán rud do dhéanamh.

tagairt: *b.2.* trácht, cainnt, labhairt ar, áiteamh, pléidhe, ráidhteachas, gluais, luadhachtaint. An ag tagairt dom-sa ataoi go bhfuil fear sa cheanntar go raibh a leithéid aige?: an mise atá it aigne nó gur mhian leat go mbainfí mar thátall as do chómhrádh é. An lá deirimíd lé gach saighdiúir eachtrannach scriosadh as an ndúthaigh seo nílimíd ach ag tagairt ár gcirt: ghá chur in iúil. Ag tagairt do bhochtanacht tá aithne agam ar líon tighe eile ná fuil luid sa tsaoghal aca: ós ag cainnt uirthi é. "An raibh neach ag cur mo thuairisce indiu?" – "níor airigheas éinne ag tagairt duit": ag rádh faic mar gheall ort, olc maith ná donaidhe. An bhfuil tagairt dom-sa sa leitir sin?: an abarthar faic mar gheall orm? Faid atáim beó níor chuala go dtí san aon tagairt dá sprionnlaitheacht: focal ina thaobh. Bímíd ag tagairt i gcómhnaidhe duit: ag cainnt ort: ag tairng t'ainme anuas. Nílimíd ag tagairt dá chéile chómh maith is budh cheart dúinn: ag teacht lé chéile: ag gabháil. Sid é fear na córach d'agairt, agus is fearr do scaoileadh chun an scata anchuinsidhe: an té atá i ndán agus ar aigne an chirt do chómhrac. I ndeireadh an leabhair tá tagairt mara mínightear gach focal cruaidh atá ann: gluais: sanas: clár ina gcuirtear gach rud deacair go soiléir. Caithfead a thagairt leat go bhfuil an iomad oibre orm: a ghearán leat. Cad do go bhfuilir ag tagairt?: táir ag tabhairt éachtaint dhoiléir do rud éigin, cad é? Níl éinne ag tagairt mo chúise-se: neach ag pléidhe an chirt dom. Ní raibh aon mhaith im thagairt fuaireas cluas bhodhar: b'fhuar í m'athchuinghe.

tagartha: *a.r.* pléidhte, áitighthe, ainmighthe, luaidhte; droichfhreagarthach ar a bhéal. Is minic cheana tagartha agam leat gan bheith ag luadhachtainte m'ainm-se: é ráidhte: tugtha os do chómhair: é curtha i bhfighis ort. Aon rud go bhfuil tagartha cheana agam do, ní gábhadh dhom baint airís leis: luaidhte agam: rud éigin ráidhte agam ina thaobh. Ní mór go dtaithneóchadh sé lé héinne tá sé tagartha: claon lé freagra mí-bhéasach, míobhanamhail. Bhíodh sé an-thagartha leis an máighistir nuair cuirtí smacht air: gearr-aighneasach: teallaireacht aige. Nár thagartha an rud a rádh leis ina thigh féin gur chladhaire é: teallaireamhail: drochmhúinte. Is minic tagartha leis ná déineann sé a ghnóth mar budh cheart do: curtha in iúil air. Go raibh mac tabhartha aige is minic tagartha leis é: caithte sa tsúil. Cé go bhfuil an nidh sin tagartha chuige cheana agam ní fheicim fonn air faic do dhéanamh ina thaobh: luaidhte agam leis.

tagarthach: *a.* deiliúsach, sonnta, teallaireamhail, gearr-aighneasach. Duine tagarthach a dhóthain chun aon bhaint do bheith agat leis seadh é, budh bheag aige droch-fhocal do rádh leat: mío-mhúinte. Leanbh an-thagarthach ar scoil atá ann, dá gcloisteá an teallaireacht do thugann sé don mháighistir: deiliúsach: tagann cainnt uaidh nách dual ná ceart do scoláire scoile. Fágfad an scéal ar fad fút, táir ró-thagarthach dhom: ró-chlaon lé háiteamh is argóint ina luadhfaí nidhthe mí-bhéasacha. Sin cainnt thagarthach tagtha uait, má tá cúis amuigh agat air féin, níl aon chúis agat ar a mháthair: luadhachtaint mhí-bhéasach. Nách tagarthach an diabhailín thu dhá fheabhas do beifí dhuit: drochmhúinte id chainnt.

tagarthóir: *f.3.* argónaidhe, aighneastóir, adhbhacóideach, diospóir. Tagarthóir maith cúise dlighe: argónaidhe: duine gur féidir leis cúis do chur os chómhair cúirte go fabhrach don dtaobh go mbíonn leis. A Mhuire, bí it thagarthóir i láthair do Mhic dom ar uain mo bhroide: bí it abhcóid: it iarrathóir athchuingheach dom.

tagra: (*-gartha*) *f.* luadhachtaint, ráidhteachas, pléidhe, athchuinghe, áiteamh, argóint, tráchtas. Fágadh an scéal marbh, níor deineadh aon tagra ó shoin do: níor hoscladh béal air. Ná déin aon tagra dom-sa ina thaobh mar ná raibh aon bhaint agam leis: ná cuir m'ainm-se i dtreis leis. Cá maith tagra lé ceann gan eólas: bheith ag argóint leis. Ní bhfaighir do thagra uaim-se mar ná fuil sé ag dul duit ná aon bhuannacht agat air: iarratas. Dá mbeinn ag tagra mo chúise leis go mbeadh dath dubh orm, ní bhfaighinn uaidh ach cluas bhodhar: ag déanamh mo ghearáin is ag lorg córach. Tagra éigin atá eatartha go bhfuil an tuile tairngthe thar a chéile aca: áiteamh go bhfuil gach aon rud a dhein a sinnsear casta aca lé chéile.

tagraim: *b.a. & n-a.* luadhaim, tráchtaim air, ainmighim, áitighim, pléidhim, athchuinghim. Ná tagair don bhfear san liom-sa, tá an ghráin mhairbh agam air: ná luaidh é: ná hainmigh é id bhéal ná id bhrághaid. Thagair sí an ceart an lá dubhairt sí gur cheart di cóngamh d'fhagháil toisc a haois: d'áirimh sé é: luaidh sé rud gur dheacair dul ina choinnibh. Is minic do thagair sé mo chóngamh agus fuair, cé gurb olc do chúitigh sé é: d'iarr sé. Éist do bhéal ar an gcúrsa so ní thagrann sé duit-se in ao'chor: níl aon bhaint aige leat. Thagair sé dod ghearán liom: luaidh sé é: dubhairt rud ina thaobh. Tagrann an chainnt atá ráidhte aige leat do ráfla chuala sé id thaobh: tá baint aice leis. Ná tagair dul ann gan bac lé dul: ná luaidh é. Cad do go dtagrann an dá leitir seo?: cad é an rud gur bun

iad leis? Ná tagair dom-sa cortha mo dhreathár: ná cuir aon phioc dá mhilleán orm. Thagair sé bruighean dom dá ngeóbhainn bhí uaidh: chuir a dhubhshlán fúm. Seadh, tá sé san úir indiu, agus tá so lé rádh air nár tagradh rud riamh do a bhéarfadh luisne ina ghruadh: nár cuireadh ina leith. Ná tagair mo dhúthchas liom, mar ná fuil aon náire orm ina thaobh: ná tabhair péac fúm mar gheall air.

tagtha: *a.r.* sroichte; ránguighthe, gluaiste, bogtha. Tá sé tagtha abhaile ó Shasana: an baile sroichte aige. Níl an lucht taistil tagtha i dtír fós as an luing: an talamh sroichte aca. Táid tagtha i gcuan: sroichte, ar ancaire ann. Cúis an-mhór a bhí ort, táir tagtha as go maith: do chosa beartha agat leat. Níl sé tagtha as an mbreóidhtigh fós: í curtha dhe aige. Ná maoidh go mbír tagtha as: go mbír saor ó bhaoghal nó ó chonntabhairt. Cad tá tagtha air lé déidheannaighe go bhfuil sé ag tréigean chómh mór: cad a bhain de: cad tá ag déanamh buadhartha dho. Tá an diabhal tagtha ort lé tamall: táir dulta in olcas. Cad tá tagtha ort ná labharfá?: cad d'athruigh. Tá túm tagtha air, tá sé ar thuilleamh báis: do bhuail taom gan choinne é. Níl aon athrughadh tagtha fós ar an bhfear: mar a chéile dho is mar bhí riamh. Seadh, táir tagtha abhaile uait féin, d'aithnighis go raibh an ceart chughat: d'aontuighis sa deireadh. Um an dtaca go bhfeaca-sa é bhí bolg mór tagtha aige: fásta air. An bhfuil sé tagtha chun tíorachais ná síbhialtachta fós, nó an bhfuil chómh fiadhain agus bhí riamh?: an bhfuil athruighthe ar an aiste sin? Bheadh gach aon rud tagtha chun cinn um an dtaca so mara mbeadh an cogadh: bheadh crích curtha ortha. Tá an bhreóidhteacht tagtha chun eitine dho: san déanta dhi. An bhfuil muinntir an tighe seo tagtha chun tíorach fós?: an baile sroichte aca. Tá sé tagtha chun alluis duit: tá an oiread san struis beartha ort go bhfuil allus ort leis. Níl faic tagtha dhom-sa as: aon rud dá bharr agam. Sin beart atá tagtha duit ó indé: id chómhair. Tá craobh mhór tagtha don gcoirce: fásta air. Níl an ionga tagtha den méir fós cé nách fada uaithi: tuitithe. Dá mbeadh sé tagtha den rothar nóimint roimhe sin ní thárlóchadh faic do: túirlingthe. Is iomdha san maith atá tagtha ded bharr: gur tu is bun lé hiad do bheith ann. Thugas fé ndeara go raibh tagtha fés na sléibhtibh, tá an bhliadhain ag dul i ndéidheannaighe: an taisireacht is an úrmhaireacht ag filleadh ionta dréir nádúra. Tá tagtha fút ó bheith annsan! deirtear so lé greann nuair bhíonn duine ina shuidhe ró-fhada ann: taisireacht is úrmhaireacht súighte tríot isteach mar bheadh i nidh a fhágfaí amuigh fén sín. Táim tagtha chugham féin go maith lé déidheannaighe, tháinig cath trom orm: me dulta i bhfeabhas. Lé bliadhain anois tá tagtha ann go diail, tá árd-fhear déanta dhe: fásta: borrtha. An dóigh leat ná go bhfuil tagtha sa daradha ag an uisce: gur chiorrbhaidh sé beagán éigin. Cad tá tagtha i dtreis eadraibh anois?: cad é an clampar nó buadhairt atá eadraibh? Cad tá tagtha id cheann anois go bhfuilir ag stad?: cad é an smaoineamh nuadh a bhuail thu. Dá mbeinn ag cuimhneamh is ag cuimhneamh ní fhéadfainn a dhéanamh amach cad tá tagtha leis, an dtuigeann éinne é?: cad atá tárluighthe dho a chuir as do. Fuacht atá tagtha leat: a ghoill ort. Táthar tagtha rómham airís chun teachtaireachta do dhéanamh: treasna ar mo bhealach fém bhrághaid. Cé go ndubhart leat deireadh do bheith agat táir tagtha rómham uair eile: mé sáruighthe agat. Bhíos tagtha an oidhche roim ré: saoghaluighthe nó áit áirighthe sroichte agam. Bheinn tagtha air mara mbeadh an mhoill do cuireadh orm: é sroichte agam chun fóirtheana nó rud do chosc. Bheadh na báillidhe tagtha ar mhórán daoine mara mbeadh an fear céadna: túirlingthe ortha chun a gcoda d'árdach leo. Tá an chos tagtha leis airís: í ag cur air. Is fada tagtha tharais siúd lé n-a fhéile: daoine ghá mholadh. Mhuise, geallaim dhuit chómh fada lém chuid-se dhe gur cuma liom cad

dhéanfair tá tagtha do dhóthain thart cheana: tú i mbéal na ndaoine go fóirleathanadamhail. Ní thiocfaidh T. in ao'chor, táim-se tagtha thar n-a cheann: mise annso ina ionad. Is iomdha céim chruaidh go raibh sé tagtha tríd is féach gur beag an rud do chlaoidh sa deireadh é: gur éirigh leis a dtéarnamh.

táibléad: *f.1.* leac chloiche, aon rud i bhfeirm lice chun scríobhtha air. "Na boinéid, agus coisbheart na gcos, agus na cinnbheirte, agus na táibléid, agus na cluasfháinnidhe" (Isaiah III. 20).

taidhbhreadh: (**taidhbhreamh**) *f.1.* mearbhall sians, go speisialta an radharc agus uaireanta an éisteacht ina dtuigtear don intinn go mbreithnightear go soiléir radharca is glórtha; aisling oidhche; rud nár thárlaidh riamh go ngéilleann duine a bheith dearbhtha, cinnte; machtnamh ar, teadh ait. Tá taidhbhridhthe dhá dhéanamh dhom: táim ag machtnamh ar rudaí do dhéanamh nó tagann cuimhnte nidhthe atá thart chugham. Is maith an taidhbhreadh é sin, dar fiadh, dhuit cuimhneachtaint ar chabhair do thabhairt do dhuine ina ghádhtar: machtnamh. Sin é mo thaidhbhreadh amuigh: nuair thárluigheann rud éigin le linn dúiste a chuireas i gcuimhne dhúinn rud thárluigh don intinn in ár suan. Bhíos ag taidhbhreadh airéir ort: tháinig nidhthe id thaobh trím shuan. Bhíos ag taidhbhreadh ar phósadh: ag cuimhneamh ar é do dhéanamh. Níl aon rud dhá thaidhbhreadh dóibh ach rinnce: ní bhíonn aon rud eile ag gabháil trí n-a aigne: ag déanamh mearbhaill do. Cad iad na taidhbhridhthe atá dhá dhéanamh anois duit? aithnighim ort go bhfuil rud éigin ar maoith agat: cad iad na teadhanna atá ag gabháil tríd cheann? Níl in bhur gcuid cainnte ach taidhbhridhthe: teadhanna nó smaointe aite. "An fada go mbír ag dul abhaile?" – "táim ag taidhbhreadh air": ag cuimhneamh gur mithid é. Tháinig an bhean mharbh chuige i dtaidhbhreadh: samhluigheadh do 'na chodladh go bhfeaca sé í, gur chualaidh sé ag cainnt í nó rud éigin dá shaghas. B'ait an taidhbhreadh a deineadh do a chuid talmhan do dhíol is imtheacht thar lear: an rud do buaileadh ina aigne. Is tú taidhbhreadh na súl n-oscailte: táir ann gan aon amhras. Déarfainn go bhfuil sé ag taidhbhreadh ar bháistigh: gach aon deallramh go ndéanfaidh sé í.

taidhbhrighim: *b.a. & n-a.* chidhim in aisling, samhluighim. Taidhbhrigheadh dom é do mharbhadh: buaileadh isteach im aigne. "Cloisim go bpósfair" – "níor thaidhbhrigheas air": ní tháinig aon lá dá chuimhneamh dom. Bhíos chómh breóidhte sin nár thaidhbhrigheas ar bhiadh ná ar dhigh do bhlas: aon dúil ní tháinig agam ann. Taidhbhrigheadh airéir dom go rabhas i gCorcaigh: samhluigheadh im shuan dom go rabhas in áit éigin ann, gur thugas rudaidhe etc. fé ndeara. Taidhbhrigheann an lá indiu fuar dom-sa: braithim é mar sin.

taidhbhse: *f.4.* cuma, toirt, méid, mórdhacht, cuid mhór, tadhbhas, síobhradh, foillsiughadh; an eaga nó an oscailt i bhfigheachán tuigidhe. Taidhbhse gan tairbhe atá agat chugham: rud go bhfuil toirt mhór ann is gan aon mhaith. Níl ionat ach taidhbhse gan tairbhe: duine gan aon mhaitheas dréir do mhéid. Is mó a thaidhbhse ná a thairbhe: ní rud dréir a dheallraimh é. Is mór go leór an bladhgaire é, déanann sé taidhbhse de chac: móruigheann sé rud nách fiú é é. An taidhbhse go léir atá fé a chuireann déistin orm-sa: an lán is an t-éirghe anáirde gan chur leis. Is amhlaidh mar tá aige sin tar éis a ghleóidh go léir i dtaobh oibre fuirse fadhbach is taidhbhse bocht: deabhadh is fuadar is saothar is

gan aon toradh ná foillse. Nách é an taidhbhse agat é ná scarfá leis ar feadh tamaill: rud go bhfuil lúib istigh ann. Seachain taidhbhse an tsaoghail, mar is gearr a mhaireann: baois. Tuigeadh dom go raibh an-thaidhbhse ag an ualach féir: toirt. Níor mhór an taidhbhse thu ar an am go bhfuilim-se ag trácht air: ní rabhais mór ná taithigeach. Má tá sé dréir a thaidhbhse is maith é: dréir a dheallraimh. Nách maith an taidhbhse atá ag an oileán: nách mór é. Ní chuireann an saoghal mór as mo cheann ná go bhfeaca taidhbhse éigin: samhladha: tadhbhas: fuath. Dar liom go bhfeaca solas uaim i bhfad i mbun na gcnoc, acht is dócha gur thaidhbhse é: gur amhlaidh a samhluigheadh dom shúilibh é. Innis dom connus mar do chuadhais as, níl ann ach do thaidhbhse: do dheilbh: do scáth. Do thaidhbhse-se d'fhear: do thoirt. "Agus ar mbeith do Pheadar ag déanamh amhrais ann féin, céard í an taidhbhse do chonnairc sé, féach na teachtairidhe do cuireadh ó Chornélius ag iarraidh tighe Shiomóin, agus do sheasadar ag an doras" (Gníomhartha X. 17): aisling: radharc is taithigighe ná taidhbhreamh mar samhlófaí dos na súilibh oscailte. Ní raibh puinn móna sa chléibh, ní raibh sí ach go dtís na taidhbhsidhibh: tímcheall leath anáirde mar a mbíonn scar gan fighe. Tabharfaidh an dath san taidhbhse maith dho: cuirfidh sé deallramh maith air. Tá sé ag taidhbhse dom chómh maith agus bhí sé in aon tsaoghal riamh: an-dheallramh ar fad air. Is dócha gur báisteach atá air, tá na hoileáin is na cnuic ag taidhbhse an-gheairrid dom indiu: budh dhóigh leat ar a shoiléire atáid go mbeidís i bhfad níos giorra dhuit 'ná mar táid.

taidhbhseach: *a.* mór, toirteamhail, mórtach, lonnardha, soiléir, cocánach, baoiseach, bastallach, péacach, súighteach. "Maran taidhbhseach a thugais chugham é!" lé rud beag nár bh'fhiú d'áireamh. Bhíodh beartanna taidhbhseacha éisc aca: toirteamhla, troma. Is taidhbhseach adharca na mbó thar lear: is mó an meas a bhíos ar an rud iasachta 'ná súd cois baile. Cnoc Bréanainn an tarna cnoc is taidhbhsighe in Éirinn: is mó. Bíonn go haon rud taidhbhseach ina bhéal súd: déineann sé áidhbhéis den rud is suaraighe. Is í an bhean is taidhbhsighe ag siubhal na sráide í, bíonn gabháil uirthi níos suaithinsighe 'ná ar neach eile: is mó ghníos teasbáinteas: is gréagaighe, - péacaighe. Carraig thaidhbhseach go maith seadh an Tiaracht ina haonar annsúd: toirteamhail: soiléir lé feicsint. Thabharfá fé ndeara ameasc sluaighthe é, an chuma thaidhbhseach atá air: suaithinseach.

taidhbhseamh: *f.1.* clódh, deallramh, samhladha, teadh. An bhfuil aon taidhbhseamh ag teacht ar an aimsir go n-éireóchad má tá?: cuma níos fearr. Nuair fuaireas amharc grod air deineadh taidhbhseamh dhom gur duine éigin eile a bhí ann: buaileadh im aigne. Dheineas taidhbhseamh ar an éadach: shlíogas amach é gur thugas deagh-chrot air. Ná bíodh aon náire ort, tá taidhbhseamh agat chómh maith agus tá ag éinne aca: cuma agus amharc maith ort. Bhí sé ag taidhbhseamh an-fhada ó bhaile dhom: tuigeadh san dom. Is iomdha taidhbhseamh a deineadh dom turus do thabhairt 'on bhFrainnc: tháinig sé de theadh ionam. Beidh an ghrian ag taidhbhseamh ort ann gach aon lá sa mbliadhain: ag lonnradh, taithneamh. Taidhbhseamh duine greanta isteach sa chloich: dealbh: deallramh.

taidhbhseamhail: *a.* mór, toirteamhail, taithigeach, deaghchlódh, péacach, ar nós samhladha. Cuireadh starrán air gur chaith sé sparán taidhbhseamhail ar an mbórd agus dubhairt go ndéanfadh tacaidheacht lé n-a chuid cainnte lé n-a chuid airgid: teann. Riamh ní fheaca thu gan lámh thaidhbhseamhail agat: rabairneach i riar. Cófra ró-thaidhbhseamhail seadh é lé cur 'on trucaill, is eagal liom ná faighidh sé slighe ann: ró-

thoirteamhail. Táir taidhbhseamhail do dhóthain chun dul in aon áit, gléasta, glan, galánta: deallramhtach. Tigh taidhbhseamhail atá againn gheobhaimíd slighe dhíbh go léir ann: tigh mór, fairsing. Scannruigh an rud taidhbhseamhail me sa cheódh ar cliathán an chnuic, ná feadar ó thalamh Dé cad bhí ann, gur scairt air, is cruach mhóna a bhí ann: samladha nár tuigeadh dom do bheith talmhaidhe.

taidhbhseamhlacht: *b.3.* móir-mhéid, toirteamhlacht, taithigeacht. Dá mbeadh aon taidhbhseamhlacht ag an méid cruithneachta a bhí aca déarfainn go mbeadh cao éigin ar arán mí do bheith aca: toirt: méid. Mar bhíomair ag druideam leis bhí sé ag dul i dtaidhbhseamhlacht go dtí gur scannruigh sé sinn sa deireadh nách mór: breis agus breis thoirte ag teacht ann. Ná bí ag maoidheamh as thaidhbhseamhlacht ar thugais leat, mar is iomdha duine gur náire leis é: méid. Ní thiocfaidh aon taidhbhseamhlacht choidhche air: borradh ná fás. An taidhbhseamhlacht chainnte bhíonn air budh dhóigh leat go raibh Contae Luimnighe fé ghabáiste aige: an áidhbhéis is an maoidheamh.

taidhseanach: *a.* mórchúiseach, iongtach, léir, físeach, samhlaoideach. Is id cheann atá na rudaidhe taidhseanacha ná meabhróchair choidhche: nidhthe nách féidir do shroichstint nó do ghnóthughadh. An aimsir thaidhseanach a bhí againn roim an gcogadh seachas mar tá anois: iongtach, aoibhinn. Is beag an coidreamh do dhéineann sí lé n-a mnáibh cómharsan, bean thaidhseanach seadh í: mórchúiseach, mórdhálach.

taidhbhsighim: *b.a. & n-a.* samhluighim, foillsighim, teasbánaim, deallramhuighim, tuaraim. Taidhbhsighim salach duit, is dócha, toisc me bheith gan bearradh: do dheallramh orm go bhfuilim. Nidh nách iongadh, aon rud i bhfad uainn taidhbhsigheann sé beag: bíonn crot, cuma bheag air. Ní thaidhbhsigheann go mbeidh an lá indiú aon phioc níos fearr 'ná an lá indé: dréir a dheallraimh. Connus thaidhbhsigh Éire duit nuair bhís innte go déidheannach?: connus tuigeadh duit mar bhí aice. An dtaidhbhsightear duit go bhfuilir chómh maith d'fhear liom?: an dóigh leat san? Connus thaidhbhsigheann an cogadh anois duit? an dóigh leat go mbeidh deireadh leis sara fada?: cad é an crot atá air it thuairm. Ná taidhbhsigh gach aon rud duit féin, tá daoine eile ann: ná saoil roim ré nách misde dhuit do chuid do dhéanamh de rud. Thaidhbhsigh an Mhaighdean Mhuire do mhórán san áit: láithrigh sí: chonnacthas í. Taidhbhsightear rudaidhe aite don bhfear gcéadna: samhluighear do: buailtear iad isteach ina aigne do bheith dearbh is gan ionta ach samhlughadh. Ní mar tá sé do thaidhbhsigheadh im aigne in ao'chor dom é: samhluigheadh: a bhí a chrot, a aiste, a stáid. Thaidhbhseóchadh sé an-ghránda dá mbeadh barr na srón de: bheadh an chuma san air. Taidhbhsigheann an obair an-mhall dom: dar liom ná fuil sí ag dul ar aghaidh mear a dhóthain. Is fearr é 'ná mar thaidhbhsigheann sé: is fearr é 'ná a dheallramh. Chómh luath agus thaidhbhsigh an ghrian thoir indiu bhí sé ina shuidhe: láithrigh: theasbáin sí í féin. Thaidhbhsighis do bheith suas airéir, tá cuma an-shuaidhte ort: b'é sin crot a bhí ort. Thaidhbhsigh faid bliadhna sa lá dhom: bhraitheas mar sin é.

taidhbhsiughadh: *f.* (*-uighthe*) do láithriughadh, d'fhoillsiughadh, shamhlughadh; deaghchrot, deaghchuma. "Agus do rinne Iacób seirbhís seacht mbliadhna do cheannach ar Rachel; agus níor thaidhbhsiughadh dho iad acht na mbeagán laethe, do mhéid an ghrádha a bhí aige uirthe"(Gen. XXIX. 20): níor mheas sé iad do bheith níos sia. Níl an

ceann go ró-mhaith air, bítear ag taidhbhsiughadh rudaidhe dho, deir sé na rudaidhe is aite amuigh: buailtear ina aigne nidhthe ná bíonn dearbh is ná féadfadh do bheith. Táir ag taidhbhsiughadh go maith dhom: tá cuma mhaith ort. "An ngéillir do phúcaidhibh?" – "b'fhearr liom gan iad do thaidhbhsiughadh dhom go mór": gan iad do láithriughadh: gan me dá bhfeicsint.

taidhleach: *a.* láidir, teann, taithigeach. Beir greim air, nách taidhleach a bhraitheann sé? ar nós an iarainn: teann, cruaidh, do-lúbtha. Níl a ghéaga taidhleacha gan fuinneamh: taithigeacha. Aon bheann níl aige súid ar cad chuirfeá air, tá drom taidhleach aige: láidir, teann.

taidhleacht: *b.3.* neart, tinne, téagar. Tabhair eaga dho, déanfaidh sé seo fear maith fós nuair thiocfaidh an taidhleacht ann: an toirt is an neart. Dhéanfadh sé aon rud leis an dtaidhleacht géag atá ann: neart.

taighdeach: *a.* cuarduightheach, iarratach, siorthach, soláthrach. Is taighdeach í muc gan fáinne: tómhachach. Beidh obair thaighdeach agat locha d'fhagháil ann: beidh ort mórán den dtalamh do réabadh. Má tá an earra lé fagháil in aon áit gheóbhaidh súd í mar is maith taighdeach chuige é: cuarduightheach, loirgtheach. Ná bí taighdeach sa chófra san: ró-loirgtheach: cuarduightheach. Ní bheidh aon cheal air siúd i gcóir an lae chruaidh, nó is de do raghaidh, fear taighdeach é: soláthrach. Téighir-se ag déanamh do chúraim féin, tá srón ró-thaighdeach ort: táir ró-fhiosrach, ró-iarratach. Tá tosach taighdeach go maith ar an mbád: sainnteach, géar. Ná bí ró-thaighdeach ar an gcneadh, b'fhéidir go ndéanfá a díoghbháil: ná sáidh ró-dhoimhin innte.

taighdeadh: *f.* (*-dthe, -dighthe*) rómhar, tómhach, cuardach, lorg, iarratacht, soláthar. Ná bí ag taighdeadh fén bhfalla nó tuitfidh sé: ag rómhar: ag baint taca na talmhan etc. uaidh. Leis an aimsir bíonn an fharraige ag taighdeadh isteach fén bhfaill: ag itheadh, ag baint an bhuin uaithi. Ghom thaighdeadh bheifeá, an eadh? cuir tuairisc ar dhuine éigin eile níos béalscaoiltighe 'ná me: d'iarraidh eólais d'iascach asam. Dá mbeifeá ag taighdeadh it inchinn choidhche ní dhéanfá amach cad bheadh ar intinn an anchúinse siúd: ag dian-lorg. Caithfear tuilleadh taighdte do dhéanamh sara sroichfear an gaoidhean: rómhar is réabadh talmhan. In ionad aghaidh a chaoraidheachta do thógaint díom is ag taighdeadh isteach ionam a bhí sé: ag ceangal ionam. Dá ndéintí taighdeadh ann deirtear go bhfaighfí gual ann: dá rómhartaí: dá bpolltaí i dtalamh. Is éachtach an taighdeadh dhuit me d'fhagháil amach i gcathair chómh mór léi seo is gan aon eólas agat innte: an cuardach is an iarraidh. An ag taighdeadh feasa orm ataoi go bhfuil an ceistiúchán ar fad ort?: ag lorg. Ná déin a thuilleadh taighdte ar an gcúrsa ar mhaithe leat féin: ná cuarduigh, loirg, ná cuir tuairisc. Níor fhág sé tigh tábhairne sa chathair gan taighdeadh dho, i leith agus go dteangbhóchadh air i gceann éigin díobh: gan mionchuardach is tuairisc do chur. Nách diail na hainmhidhthe beaga coinínidhe chun taighdte: chun ropach do dhéanamh sa talamh. Agus me do bheith ag taighdeadh ó shoin sa leabhar ní bhfaighinn an áit go dtagrair do: ag cuardach 'sag lorg. Mála ag eisean ar an sraoth chun na mbreac do ghabháil is slat agam-sa chun a dtaighdte: chun a bpriocadh amach ó bhun na bport is na gcaidhte. An long ag taighdeadh roimpe tríd an stoirm: ag sáthadh go doimhin is go duaibhseamhail tríd an uisce. Ag taighdeadh ionam atá an galar so, mo chroidhe 'on

diabhal má leanann sé dom go gcuirfidh sé chun báis me: ag greamughadh 'sag daingniughadh. An-thaighdeadh atá déanta aige is cúrsa chómh tábhachtach crosta leis do léiriughadh chómh sásamhach: gníomh cuarduighthe agus saothar gníomhach. Na muca ag tómhach 'sag taighdeadh an bháin: ag tabhairt barra dearg air ar lorg bídh. "Cá bhfuil do thriall?" – "ag taighdeadh ar Chorcaigh" ag dul fé n-a dhéin. Tugann an garsún an lá ag taighdeadh: ag cuardach: ag cur rudaidhe tón ós cionn mar bheadh nidh dhá lorg aige. Ar na feádhannaibh atá fé annsan lé deireannaighe agus na turuis atá dhá thabhairt aige tá sé ag taighdeadh ar bheart éigin do féin: ar thóir: ar a lorg.

taighdeálaidhe: *f.4.* cuarduightheóir, lorgaire, tóraidhe, soláthraidhe, útamálaidhe, cuardálaidhe. Fíor-thaighdeálaidhe a fuair amach é sin im dhiaidh is a cháiréisighe a bhí sé foluighthe agam: lorgaire ceart: duine a mhion-chuardóchadh árd is íseal: tóraidhe géar. Leig thart dem chuid éadaigh, nách tú an taighdeálaidhe, cad tá uait ann?: útamálaidhe. Gheóbhadh an taighdeálaidhe madra san coinín amach dá mbeadh air an duibhch do réabadh: loirgtheóir. Fág fén dtaighdeálaidhe seo lóistín d'fhagháil díbh: togha cuarduightheóra. Is é an taighdeálaidhe is fearr annso do thigh é, má bhíonn rud lé fagháil in aon áit ní bheidh sé chun deireadh leis: soláthraidhe éachtach. Níor fhág na taighdeálaidhthe pioc den dtigh lé n-a chéile gan cuardach is go haon rud beag is mór do chaitheamh tóin thar ceann: creachadóiridhe. Dá mbeinn im thaighdeálaidhe chómh maith lé daoinibh eile ní bheinn in easbhaidh cabhartha: duine gur chuma leis cé loirgeóchadh sé.

taighdeóir: *f.3.* cuardálaidhe, soláthraidhe, útamálaidhe, réapálaidhe. Taighdeóir óir amuigh san Afraic dob eadh é, suim mhór aimsire: duine a bhíodh ag lorg, ag cuardach dóigheanna is ag rómhar 'sag tochailt. Taighdeóiridhe maithe gleamach seadh iad: loirgeóiridhe. Is é an t-imshníomh is mó a bhíos orm nách taighdeóir maith focal me: duine a bhíos cliste ar a dtriall 'sa bhfagháil. Is éachtach an taighdeóir thu is é sin d'aidhmsiughadh is a fholuightheacht a bhí sé: cuardálaidhe.

taighdeóireacht: *b.3.* rómhar, tóch, tochailt, cuardach, soláthar, útamáil. Taighdeóireacht cheart seadh tu d'fhagháil amach ar a iargcúltacht t'ionaid cómhnaidhthe: cuardach críochnamhail, dícheallach. Pé rud a dhein an taighdeóireacht im ghairdín tá sé laitithe, bláthanna stracaithe as a bpréacha is síol scaipithe soir siar: tóch: réapáil. Budh mhór an taighdeóireacht do dul chómh fada ó bhaile agus an scéal éachtach san do sholáthar d'aimhdheóin a dheacrachta: cuardach friochnamhach, coingheallach. An oiread san taighdeóireachta déanta ag na coinínidhibh ar an dtalamh ná féadfá do chos do chorruighe gan bheith i gconntabhairt a cur i bpoll: réapáil: tochailt. Cuirfir-se uait an taighdeóireacht im phócaidhibh-se nuair bheidh sé déidheannach agat: an cuardach 'san útamáil lé caoraidheacht cad bheadh ionta.

taighdim: (**taidhdim**) *b.a. & n-a.* tóchaim, rómharaim, tochlaim, réapálaim. Thaighd triúr Spáineach in innse an óir ar feadh laetheanta, ach chaitheadar filleadh is díombáidh ortha: thochladar: thócadar is rómharadar an talamh. Gheall an lucht ceannais go dtaighdfidís ó thalamh cé budh bhun leis an gcoir agus go mbéarfaidís an coirptheach chun na dlighe: go loirgeóchaidís go dian is go dícheallach: ná fágfaidís dóigh ná andóigh gan cuardach is do scrúdughadh. Taighd ar an gcoinín: tochail an rapach ina tímcheall go

dtagair air. Taighd id phóca go maith, b'fhéidir go mbeadh pinginn bhradach in áit éigin ann: cuarduigh síos go bonn agus tímcheall. Taighdeann an bradán an grean agus cuireann a scéidheachtaint ann: tóchann síos is cuireann tharais é chun puill do dhéanamh. Taighd leat aníos cois phuirt, b'anna(mh) le breac ná beadh ann: cuarduigh lé cuaille etc. Thaighdfeadh sé, bail ó Dhia ar an bhfear, a bhfuil de thalamh sa pharróiste: rómharfadh nó threabhfadh is do chuirfeadh. Taighd ameasc na leabhar san, b'fhéidir go bhfaightheá tagairt in áit éigin don gcath ionta: cuarduigh is loirg go mion, dícheallach. Leig don dteine is ná taighd a thuilleadh í: ná bí ghá corruighe is ghá priocadh lé bior. Taighdeadh ar an uaigh: oscluigheadh í mar bheadh rud éigin ón ndream a dhein é. Go dtaighdidh an biadh ort!: go scoiltidh sé ort. Taighdeann na trollairidhe troma san tón na farraige ar fad is cuirid an ruaig ar an iasc is réabaid leapacha na scéidheachtainte: gabhaid tríotha is corruighid is laitid iad. Ní thaighdfidh an bád an fharraige choimhtheach san choidhche: ní sháidhfidh tríthe. Ná taighd ró-fhada isteach fén bhfalla nó anuas leis: ná bain taca na talmhan uaidh nó pé áit go bhfuil sé tógtha air. Taighd t'inchinn anois féachaint an dtiocfadh leat cuimhneamh cár bhuaileas leat cheana, ní fearrde thu é: suaidh agus corruigh í. An dtaighdfeá amach anois as an sluagh san é, an dóigh leat?: an sroichfeá é is a bhreith leat nó a aithneamhaint. An mheilit pinn seo ní maith í taighdeann sí: téigheann a rinn tríd an bpáipéar. Ná bíodh aon mhairg ort ina thaobh taighdfidh súd áit éigin chodlata dho féin i gcóir na hoidhche: loirgeóchaidh go bhfaighidh. Taighd isteach id chroidhe agus amharc na bearta atá déanta riamh agat: scrúduigh do choguas. An bhfuairis an sparán? taighd an tigh do: cuarduigh gach poll is cúil do. Is fada go dtaighdfidh sé ina phóca: rud suarach sprionnlaithe atá ann. Taighdfead-sa liom ar mo shlighe féin, is cuma liom cad ghní éinne eile: leanfad ar aghaidh.

tailc: *a.* láidir, teann, daingean, curanta. Fuaireas buille tailc de bhata a chuir ag grogaidheacht ar bhior mo chinn me: teann, fuinneamhail. É ina sheasamh chómh tailc is nár bh'fhéidir bogadh ná sáthadh do bhaint as: teann, daingean. Chuireadar go tailc chun sinn do ruagadh ach d'aindeóin a bhfiacal níor éirigh leo: go láidir duaibhseamhail. Nách dána tailc an duine é ná héisteóchadh lé réasún: dána amach is amach.

táille: *f.4.* tuarastal, dualgas, díolaidheacht, íocaidheacht, págh, cúiteamh, éileamh, suim bille, táirleamh. "Is táille ó Pheáirlimint Shasana don ainnir a dheárna í" (Cuilt an Oileáin): suim áirighthe airgid ar son na bearta. Budh mhór an táille buidéal é gur sheasaimh sé mí lé dathad fear tartmhar aca: an líon, uimhir. An sean-táille: díolaidheacht sheachtaineamhail ón Stát le bochtaibh sean. Cad é an táille as an ndigh seo?: a fhiaca: an t-éileamh. Cuir im tháille an deoch so, níl aon airgead ar iomchar indiu agam: buail im chunntas, im choinnibh, é. Ifreann do tháille-se ar an bhfuadar atá fút mara leasuighir do bheatha: sin é do stáitse thar éis báis duit. Is furaiste agus is bog dhá itheadh é, ach fan go bhfaighir an táille?: an bille. Cad é an táille ach mé do bhreith treasna go dtín oileán?: cad a bhéas ag dul díom as an mbeart? Is cuma liom-sa cad dhéanfair ach caithfead-sa mo tháille d'fhagháil, ní mar sin a bheinn-se ag caitheamh m'aimsire leat: an méid atá ag teacht chugham go dleaghthach as m'fhóghnamh.

táilliúir: *f.3.* duine a ghearras éadach is a dheineas balcaisidhe dhe. Is deacair do dhuine bhocht maireachtaint nuair bhíonn an táilliúir is an t-úcaire chuige .i. na ceárdaidhthe go

léir ag éileamh air. Níl aon oidhre ort ach táilliúir aerach: ná beadh ró-staidéartha. "Cé hé sin thall ar an gcnoicín gréine?/ cé bheadh ann ach an táilliúir aerach/ a shiosúr mór fada aige agus is é ag bearradh a chuid bréide etc." Is minic do gheall táilliúir is ná tiocfadh: sa tseansaoghal i dtighthibh dhaoine féin seadh dheineadh táilliúiridhe an táilliúireacht agus de chionn go mbíodh an méid sin éilimh ortha thugaidís geallamhaintidhe .i. ná creidtear gach geallamhaint. Nuair bhíonn táilliúir ina shuidhe againn bíonn táilliúir ina luighe againn .i. ní túisce duine d'aindeiseóiridhibh an tighe seo go maith ná duine aca breóidhte. Tá sé (biadh, deoch) ina leite táilliúiridhe agat: gan aon chlódh beirbhthe. Tá go breágh, a tháilliúir ó chaillis do shnáthad (méaracán): lé duine go mbíonn rud éigin in easnamh go hobann air. "Táilliúir a dhéanfadh é is ná déanfad – (bríste do mhnáibh)", lé gnóth nách é gach éinne a bheadh toilteanach chuige. Fásan uaim, a tháilliúir! ní bheinn ag féachaint ort: duine a bhíos crapaithe ina chnochaire mar bhead táilliúir i bhfeighil oibre. Níl aon ghnóth ag táilliúiridhibh chun na hoibre seo: tuigtear nách maith iad táilliúiridhe ach ar a gcéird féin, mar sin gur daoine eólgaiseacha theastóchadh. Taoinnte fada an táilliúra fhallsa: táilliúir neamh-eólgaiseach go mbíonn an greim fada, neamh-anamamhail aige. Táilliúir, píobaire is gabhar, an triúr is aeirghe ar domhan. Táilliúiridhe, scríobhnóiridhe is cuit – sin triúr ná hoibrigheann gan chruit: gan bheith ar a gcromadh.

táilliúireacht: *b.3.* gearradh is déanamh bhalcaisidhe as éadach. Sin culaith go bhfuil an táilliúireacht uirthi: atá déanta go maith. Ná bíodh aon táilliúireacht ort leis ach déin go mear tapaidh é: priocadghail mar bhíonn seisean lé snáthaid.

táim: *b. n-a. an chéad phearsa uathaidh den mbriathar beith* "Cé tá annsan?" – "táthar ann", nuair nách mian a innsint cé labhras. Deirtear go bhfuil airgead aige, tá is níl: beagán ann as. Ní mar síltear a bítear: a ráinigheann do dhuine bheith i ndeireadh dála. Bítear liom ag baile: ní bítear buidheach díom. "Daoine annso ná fuil ró-ghalánta" – "bítear amhlaidh": tuiteann a leithéid amach. Táthar chughainn: tá duine (daoine) ag teacht fé n-ár ndéin: chun ár n-ionsaidhthe. Tá chughat, fair thu féin: tá rud éigin ag teacht id dháil nách maith dhuit – namhaid, breóidhteacht. Tá chuige, seachain tú féin air: tá buile ag teacht air. Tá chugham airís, duine, iomard, tinneas, etc., ag aithfhilleadh. An rud a bhíonn bíonn sé: aon rud a bhíos lé tuiteam amach níl aon dul uaidh. Ag déanamh aithris ar dhuine go mbíonn "tá" aige ar gach rud a fiafrófaí dhe dearfaí lé leamhas "tá" "tá" "ta-ta" "tá". Go rabhad aige Dia nár bhuail a leithéid de dhiablóir fir riamh liom: dearbhuighim é. Is iomdha rud a bhíodh ná fuil: iad imthighthe choidhche. Má tá tá, is mura bhfuil níl, sin a bhfuil: caithfear bheith sásta. Bhinn níos fearr dóibh 'ná bhídís dom, bíonn gach éinne mar fhéadann sé: déineann gach éinne a dhícheall. Bíodh rud agat nó bí dhá cheal: ná bí ag braith ar chabhair iasachta. Bíodh go bhfuil sé ag tuilleamh riamh tá a phóca chómh dealbh lém bhais: cé go bhfuil, etc. Bíodh geall ná déanfair, dá fheabhas meas agat ort féin: cuirfead geall leat. Mara mbíonn rud agat féin bíodh thiar ort: tá sé air anois agat teacht suas leis, tá an oiread san eaga aige ort: tá sé cúramach ort: beidh breis is dóthain lé déanamh agat. Bíodh san mar tá agus Tráighlí mar a bhfuil sé: socruigheann sé é sin. Fé féin bíodh anois, tá cao mhaith fachta aige: is air féin atá dul chun cinn nó gan dul. Níl mórán asat fós: puinn bainte asat – obair, airgead, etc. Tá as so go Daingean ann: an fhaid sin slighe. Tá de mhaith air go bhfuil sé an-fhial: sin rud a bhaineas leis. Níl mórán do sa bhliadhain: tuarastal beag. "Cá raghair anois?" – "tá go bhfuilim ag dul ag triall ar dhochtúir": seo mar tá agam. "Cad tá ort anois?" – "tá me bheith bocht dealbh":

sin í mo bhuadhairt. “Cad tá eadraibh ná réidhtigheann sibh?”: cad tá ag déanamh iomaird díbh? Tá so eatartha: deifridheacht. Bíodh leat an turus so ach déin athuair é, agus raghair as do dhá shúil isteach ’on phríosún: tá cead imtheachta saor agat. Níl thart fós: níl an tóir imthighthe. “Imtheóchaidh do bhean uait” – “bíodh aice”: ná bac di. Bíodh ag Áth Cliath indiu: ná bacaimís leis: pé gnóth ina thaobh atá againn fanadh go fóill. Bíodh púnt as: tugtar an méid sin as é do dhéanamh. Bíodh duine bocht annsan agus muirear mór óir: cuir i gcás é, etc. Go mbeadh do mhac ag obair do ar thuarasdal suarach, a leithéid! a thabhairt lé rádh. Bíodh a bheag nó a mhór as, ní cuibhe dho duine é féin do chur i gconntabhairt mar gheall air: pé tuarastal nó díolfiach. Tá leat an turus so, ach sin a raibh ann: an lá agat: na cosa beartha agat leat: tú tagtha saor. Ní gábhadh dhi bheith ag magadh fé éinne, tá roimpe féin: thárlóchadh an rud céadna dhi féin fós nó d’éinne eile chómh maith. Ní heól d’éinne cad bhíonn roimis: cad é go mbeidh air gabháil tríd. Dá mbeadh an cioth thart: i leathtaoibh. Nách breágh an chasóg atá uime: dhá chaitheamh aige. Bhíomair chun fágtha: ar tí imtheacht. Dá mbeimís chun bídh: in am bídh. Bíodh san agat: tóg an méid sin (é tuillte agat). An bhfuil t’athair fé dhuit an oiread so airgid do chaitheamh?: an bhfuil sé toilteanach? an lamhálfaidh sé é. Bead fé nó tharais ambáireach: beidh an cúrsa ar thaobh éigin maidir liom. Tá sé mar thuill sé: an rud ceart, cóir fachta aige. Tá go breágh agam anois: sin í mo chao imthighthe.

taimice: *f.4.* taimilt, pioc, luid, blúire. Níor fágadh taimice dá chéill aige, do cuireadh amugha chómh mór san é: luid: fágadh gan splinc é. Taimice den seól níor fhan lé chéile gan stróiceadh nuair rug an cóch air: luid: rinne géiridheacha dhe. Féachaidh, in ainm Dé, an crot atá air gan taimice den éadach air, luid: níl air ach na giobail. “An bhfuil aon arán sa tigh?” – “taimice”: aon bhlúire in ao’chor. D’imthigh an fheóil ina taimicidhe: ina blúiridheacha soir siar. Aon taimice tobac níl agam, tá gabhair cheart orm: aon rian, scine: blúire beag.

taimilt: *b.2.* adhbhar céille, néall. Ní fhanfaidh aon taimilt aige nuair chloisfidh sé go rabhais ar thuairisc a inghine tar éis fuath na háite do chur air: luid: blúire beag, rian. Cad í an taimilt atá anois ort agus an deoch san do dhortadh: néall: taom obann. Fág taimilt éigin dem mheabhair agam, leig dom, ná feicir obair go súilibh orm: ádhbhar éigin. Níl taimilt chun ban (rinnce etc.) aige: ní bhíonn dhá thaidhbhreamh do ach iad. Is fada riamh go raibh aon taimilt radhairc aige: aon néall: é dall ar fad, ar fad. Níl aon taimilt aca i ndiaidh a chéile: táid i ngrádh go trom: ait lé grádh. Níl aon taimilt aige chughat: tá sé ar dearg-bhuile leat. Níl aon taimilt chun Gaedhealainge aige: fiadhain glan: fonn chun í bheith aige. D’ól sé an oiread san nár fhan taimilt aige: splinc, léas mheabhrach. An daoi bocht níl taimilt ina cheann: dúr, aineólach. Ná bí ag cainnt go háidhbhéiseach mar sin, fanadh taimilt éigin agat: beagán éigin fuaimeanta. An buille fuaireas uaidh níor fhág sé taimilt agam: bhain an mheabhair as mo cheann.

táimhín: *f.4.* duine leasc, righin. Úird mhuilinn an iarainn ní bhainfeadh gnóth ná obair as an dtáimhín sin: rud gan fonn corruighthe air.

táin: *b.3.* scata, gasradh, tréad; ruaig, tóir, tiomáint, aiste. Coimeád ar an dtáin sin, agus déanfair go maith, táir ag déanamh go héachtach: ar an aiste, dtiomáint sin. Is fearr an tsláinte ná na táinte ar chnoc: tréada caorach: cad is fiú maoin nuair ná leanann an tsláinte

í. Óladh na táinte cárt ar an mbainis úd, mhair sí ar feadh dhá lá is dhá oidhche: a liacht cárt: an t-aimeón. Thabharfainn na táinte póg di: oiread is nár bh'fhéidir do chómhaireamh. Chuir sé dhe ins na táintibh chómh mear, tapaidh agus b'fhéidir leis. Ar an dtáin sin ní shroichfeá do thriall choidhche: ar an aiste gluaiseachta san. Ní sheasófá ar an dtáin sin, tá an iomad struis ort: ar an imtheacht dian san. Ní fios dom connus go mbeadh an earra chéadna san chómh daor, níl an táin sin go léir uirthi: tóir: oiread daoine ghá lorg. Lé n-a linn bhí táin an domhain air, ní mór go gcloisfeá a ainm in ao'chor anois dhá luadh: cáil mhór. "Connus tá sé anois?" – "tá sé ina tháin-rith": i sláinte an-mhaith. Ná bíodh aon mhairg ort, bacaighe bheag í sin beir i dtáin-rith i gcionn mí eile: ag caitheamh do thóna: gan smáilc ort.

táinseamh: *f.1.* milleánadh, achmhusán, cúlmhasladh, iomcháineadh. Ní tháinseamh duit bheith ag lorg do choda féin, go mór-mhór ó theastuigheann sé uait: ní cúis cáinte é. Ní stadann an bitheamhnach úd ach ag tabhairt táinsimh do dhaoinibh laistiar díobh: ag caitheamh achmhusán. Cúis táinsimh d'éinne faillighe do thabhairt i gcúram a lucht feadhmannais: cúis a thuilleas milleán is mímheas. Lé tamall tá uisce fé thalamh dhá dhéanamh chun a ainm do tháinseamh agus deargnáire seadh é, mar na rudaidhe gránda atá curtha ina leith tá sé chómh saor ortha agus atá an leanbh do saoghalughadh airéir: iarracht ar a chlú do shailiughadh.

táinsim: *b.a.* masluighim, bheirim achmhusán do, milleánuighim. Ná táinsimh me mar gheall ar ar dheineas, gidh dona é, ní raibh ann ach botún: ná tabhair milleán dom.

táinteach: *a.* líonmhar, gasrach, tréadach. Cnoc Bhréanainn táinteach: na tréada caorach ann. Iasc go táinteach ar linn ann: go líonmhar: flúirseach.

táipéis: *b.2.* brat, brat úrláir. Raghad mar a mbeidh táipéis ar úrlár agam, a bhuachaill: brat breágh.

táiplis: *b.2.* cluiche idir bheirt ar chlár fithchille lé foirinn, ceathair fichead de chuaraibh tanaidhe slinne adhmaid, miotail, etc. "Is gach dream a thidheann tar sáile go fíor ag imirt táiplis". Is fuath liom táiplis gan títhe agus díslidhe gan breacadh, a rádh go dtaithneochadh do shnáthad gan snaithín liom: rudaidhe neamh-oireamhnacha, neamh-áiseamhla.

táir: *a.* suarach, sprionnlaithe, neamhfhearamhail, coitcheann, dí-mheasta, truaillidhe. Duine táir nár fhan meas ag neach ar a fhocal, mar nár chomhall riamh air é: suarach: gan mheas air féin. Coirce táir atá ann, ní fiú é do spealadh: truaillighthe. Is táir an bheart duit rud do sciobadh as láimh leinbh: suarach, neamhfhearamhail. Nách táir an gnóth dhuit bheith ag déanamh clampair dod mhnaoi gan chúis gan adhbhar: nách neamhfhearamhail, mímheasta. An rud táir, níl aon choir amuigh ná go bhfuil déanta aige: gránda: peacamhail. Nách táir an gnóth dhuit bheith ag tnúth lé daoinibh eile: beart ná déanfadh éinne go mbeadh meas fir aige air féin.

táir: *b.2.* mí-mheas, tarcuisne, aithis, easmailt. Is mór an táir a thug na daoine dho gur theich sé lé náire: mí-mheas, gráin. Le táir dom ní fhreagróchadh sé mo leitir: tarcuisne.

Chúbláil sé ar fhéad sé is d'imthigh leis fé tháir: aithis. Lá eile ní fhanfainn ina measc, ní bhfuaireas uatha ach biadh táir ná mairfeadh na cait air: biadh gan mhaith, gan bhrigh. D'iarraidh táire do thabhairt dom i dtaobh mo bhochtanachta, is ag casadh mo dhroch-bhalcaisidhe liom: ag tabhairt mí-mheasa dhom. Nuair bhíonn an póca dealbh ní bhfaightear ach táir: cluas bhodhar is an focal is measa ina mbéal.

tairbhe: *f.4.* maitheas, bail, sochar, toradh, búntáiste, leas, barr, áis. Cad é an tairbhe iascaire gan scian?: cad é an mhaith?: connus is féidir leis a chúram do dhéanamh gan í? Cad é an tairbhe thu ná labharfadh amach leis?: ná fuil aon mhaith ionat ach mar sin? Cad é an tairbhe sagart gan cléireach?: ní féidir leis a ghnóth do dhéanamh. Ní tairbhe bheith ag seanchas nuair bhíonn anachain déanta: ní sochar ar bith dhúinn bheith ag déanamh gleóidh de rud a bhíos déanta. Ní mór an tairbhe seanduine chun reatha: aon mhaith ní bhíonn ann. Tá an capall agat go maith, go bhfaighir a thairbhe: go raibh a bharr (bharra) agat. Go dtugaidh Dia tairbhe do chlainne dhuit: go mbí rud dá mbarr agat agus nár chuirid buadhairt ort. "Ní bhfaighfeá féachaint air" – "aon lá dá thairbhe nár fhaighir": aon phioc maitheasa in ao'chor nár né sé dhuit. Ní haon tairbhe bheith ag cainnt nuair bhíonn an díoghbháil déanta: ní faic dá bhárr againn é. D'ól sé a thairbhe: a mhaoin. "An bpósfá me" – "mo thairbhe go bhfaighir" (i ndiúltadh): gur fearrde thu me. Ól é sin agus raghaidh sé chun do thairbhe: déanfaidh sé maitheas duit. Fuaireas do thairbhe go maith gan aon amhras, féach an íde atá orm (searbhas): tá a lán buaidhte agam leat. Tóg é sin is bíodh agat, féach an bhféadfá aon tairbhe do bhaint as: é do chur chun áise go mbeadh rud dá bharr agat. Níor fhan aon tairbhe ort, ní fiú thu é: comaoin do-dhéanamh. Aon tairbhe chun scéil d'innsint níl ann: níl sé go maith chuige. Dá mbeadh aon tairbhe chun éithigh ionat chreidfeadh sé thu: bheith ábalta ar dhath na fírinne do thabhairt ar éitheach. Tairbhe agat-sa é, ach ní haon tairbhe agam-sa é: bainfir-se maitheas: is féidir leat-sa arán do bhaint as, ní féidir liom-sa. Aon tairbhe níl san sciain id dhiaidh, bhainis an faobhar di: ní féidir aon arán do bhaint aiste. Bhain fliuchán an tairbhe as an gcoirce: d'imthigh pé scabhárd a bhí ann as. Ní tairbhe ar aon rud thu: ní maith chun aonnidh thu. Nuair fágtar fén ngréin ró-fhada prátaidhe imthigheann an tairbhe asta: scabhárd. Buille gan tairbhe atá agat, ní dhéanfadh sé bascadh d'éinne choidhche: gan aon neart ná fuinneamh.

tairbheach: *a.* maitheasach, sochrach, áiseamhail. Is neamh-thairbheach an gnóth iascach, anois ná fuil aon luach ar an iasc: gan aon tsochar dá bharr. Is tairbheach an nidh capall maith i dtigh: maitheasach toisc na hoibre dhéineann se. Budh thairbhighe go mór do dhuine bheith mín macánta 'ná bheith ag déanamh achrainn ameasc cómharsan: budh shochraighe: dob fhearr is budh chreideamhnaighe. Is tairbheach an rud atá agat páirc chruithneachta: sochrach: go mbeidh rud dá barr. "Atáid na huile neithe dlisteanach damh acht ní bhfuilid uile tairbheach" (1. Cor. VI. 12): ní théighid chun mo mhaitheasa. "An bhféadann duine do bheith tairbheach do Dhia, mar tá an té atá críonna do bheith tairbheach dho féin" (Iób XXII. 2): ag déanamh dlighe Dé. Tabhair dom an rothar san beidh sé tairbheach dom ag dul ar scoil gach maidean, tá bóthar fada rómham: áiseamhail. B'é an duine clainne budh thairbhighe agam é, an t-aon duine amháin a thugadh cabhair dom: is mó go raibh dá bharr agam. Is tairbhighe go mór an saoghal lé teacht 'ná an saoghal so: is fearr dho é bheith aige go mór.

tairbheacht: *b.3.* aiste bheith tairbheach, maitheasach, áiseamhlacht. Dá mbeadh aon tairbheacht sa talamh is fada go bhfágfainn é ar aiste: gur bh'fhéidir lé héinne aon mhaith do bhaint as. Cad air gur maith an rud san? nó an bhfuil aon tairbheacht in ao'chor ann?: an féidir maitheas ná áis do bhaint as ar aon tslighe.

tairbhighim: *b.a. & n-a.* soirbhighim, buadhaim lé, téighim chun maitheasa, cabhraim. Ní thairbheóchadh sé faic in ao'chor dom deabhadh do dhéanamh anois, táim déidheannach cheana féin: ní ghnóthóchadh sé am ná slighe dhom. Thairbhigh an cogus a thug an dochtúir do, bhain sé an tinneas de: dhéin sé a mhaith. Níl éinne clainne aca, cé air go dtairbheóchadh a gcuid talmhan?: cé dho go ndéanfaidh bail?: cé leis go dtuitfidh? Ní thairbhighim faic lé bheith im chómhnaidhe fén dtuaith, caithim oiread agus dá mbeinn sa chathair: ní bhíonn faic buaidhte agam leis. Nuair fhásfair-se it fhear agus bead-sa, má mhairim leis, im sheanduine tairbheochair-se orm-sa: ní fhaghfair easbaidh ná ceal orm. Dá mhéid ar shealbhuigh an fheirm chéadna níor thairbhigh éinne aiste: ní bhfuairtheas aon phioc dá barr. Dá mhéid gur thairbhigh sé air nuair bhí rud aige níor thairbhigh neach air nuair bhí sé dealbh: dhein bail is níor deineadh bail do. Níor thairbhigheas-sa pioc as an lá, chuaidh sé im ghoile ar fad: ní raibh aon luach saothair agam as. Is iomdha slighe go dtairbhigheann sé le bheith ag tabhairt dhom thigh nuair bhím as baile: go mbíonn luach a shaothair aige. Níor thairbhigh a chuid scolaidheachta faic é maidir lé slighe bheatha: níor dhein maitheas ar bith dho.

tairdeall: *f.1.* turus, turasadóireacht, cuaird. Lá éigin, tá sé taidhbhrighthe agam tairdeall na dúthaighe dhéanamh cois farraige de chois: tímcheall na dúthaighe do thabhairt isteach. Beidh an cigire ar thairdeall Chúige Mumhan ar feadh mí: ghá taisteal ar chúram éigin. Leis na ciantaibh é ina scraiste ag tairdeall: ag gluaiseacht ó bhall ball.

táire: *b.4.* suarachas, sprionnlaitheacht, dráscar. Bréag, scéal ná beart sprionnlaithe ná aon tsaghas eile táire ní féidir do chur ina leith: suarachas aigne nó gnímh. Fáisceadh as an dtáire é, d'fheall sé ar éinne a chuaidh ina threis: budh dheacair do do bheith níos truaillighthe ná mar tá.

táireach: *a.* suarach, truaillidhe, truaillighthe, lag-mheastamhail. An truaghán táireach, d'fheall sé ar a mháthair: duine nách fiú labhairt air lé beag-mheas air féin is a neamhfhearamhlacht.

tairgim: *b.a.* toirbheirim mar íodhbairt, cuirim ar díol ar luach, cuirim fé bhrághaid lé glacadh nó diúltadh leis, tafanntaim, tástálaim. Ná tairg do chuid bhruighne dómh-sa, ní shaileóchainn mo lámha leat: ná tafannt orm dul ag troid leat. Thairgeas do go raghainn ina fhochair má bhí gábhadh liom: thafanntas mo chuideachta, mo chóngamh do. Tairgeadh an áit dom, ach ní thógfainn é: cuireadh in iúil dom go bhféadfadh sé do bheith agam dá mb'é mo mhian glacadh leis. Dathad uair thairgeas do má bhí meas fir aige air féin: chuireas dubhshlán fé dul chun troda liom. Thairgeas púnt air ach ní bhfaighinn gan coróin eile é: chuireas fé bhrághaid an té a bhí ag díol an ruda go dtabharfainn an méid sin air. Tairgeadh fiche áit do, ach níor thaithnigh aon cheann aca leis: cuireadh in iúil do gur bh'iad a chuid iad ach iad do ghlacadh. Thairgeamair do bhuachaillidhibh an taoibh eile den bparróiste cluiche iománaidheachta do chur leó: chuireamair dubhshlán fútha.

Thairgeas do dul liom: d'iarras air dul ag bruighean liom má bhí meas fir aige air féin. Cad tairgeadh duit ar an dtigh?: cad é an luach is aoirde do cuireadh féd bhrághaid? Thairgeas ar theicheadh as an bpríosún go minic ach do theip orm gach uair: thugas iarracht air. Ní thairgeóchainn ar dhul chun cainnte leis, bheadh eagla orm go dtabharfadh sé easmailt dom: ní thástálfainn.

tairgsint: (**tairsgint**) *b.3.* (*-seana*) *b.2.* (*-nte*) do thoirbheirt, do thafannt airgid i gceannach, do thástáil, dubhshlán, ráidhteachas go mbíonn toilteanas ann rud áirighthe do dhéanamh, mar cabhair do thabhairt, rud do bhronnadh, suim airgid do chur i luach earra etc. Fuaireas ar mo thairgsint féin an bradán: an méid a d'áirigheas a thabharfainn air. Thug sé tairgsint do an áit d'fhágaint ar dhá chéad púnt is gan dul chun dlighe leis: chuir sé san ós a chómhair mar shocrughadh. Ní ghlacfadh sé lém thairgsint troda: an tafannt a dheineas air. Fuair sí tairgsint phósta uaidh: d'iarr sé uirthi é.

tairgthe: *a.r.* curtha fé bhrághaid mar réidhteach, shocrughadh, mar nidh lé glacadh nó diúltadh leis. Tá sé tairgthe agam do go ndíolfad as a thurus ach teacht liom: curtha ós a chómhair agam mar bheart go bhfuilim sásta leis ar é do ghlacadh uaim. Níl troid tairgthe agam d'éinne annso: nílim ag cur bhruighne ar neach. Deirtear go bhfuil deich míle tairgthe ar an áit: an méid sin curtha in iúil go mbeifí sásta lé n-íoc as. Tá sé tairgthe aige dhom dathad uair: é fógartha aige dhom go raghadh ag troid liom.

tairgtheach: *a.* claon lé tairsgint, tástálach, lútálach. Is tairgtheach an duine ar chlampar é, ní mór an chúis is gábhadh leis: claon lé troid d'fhógairt. Bhí na ceannuightheóiridhe tairgtheach go leór, ach ná rabhadar árd: fonn maith ortha airgeadaidhe áirighthe d'fhógairt mar luach.

tairicthe: *a.r.* sroichte, gnóthuighthe, saothruighthe, buaidhte. An raibh an tigh tairicthe roim meádhon oidhche aige?: bainte amach, sroichte. Thar éis turusa do dhéanamh deirtear "tá sé tairicthe agam etc.". Is as an dteine dheirg atá an cluiche sin tairicthe agat: is lé éigean do bhuadhais é. Siúd é an fear go bhfuil sé tairicthe aige: gnóthuighe: céim, teideal, slighe bheatha. Níl na cheithre fichid tairicthe fós aige: sroichte. Is iomdha rud tairicthe aige air féin nár ghábhadh dho: curtha roimis do dhéanamh: é féin do mheascadh ann. Ó tá sé tairicthe ort agat féin anois críochnuigh é: ó chuiris rómhat é do dhéanamh, aon bhaint do bheith agat leis etc. Leig do féin, tá an scéal go maith, tá an chainnt tairicthe chuige aige: do chúl sé. Bheadh sé rí-shásta dá mbeadh go haonnidh tairicthe chuige aige: bailighthe chuige. Cad fáth go bhfuil an fear macánta san tairicthe ort agat?: é gríosuighthe agat: é curtha i dtreis agat: é curtha ó n-a chúram féin agus measctha id ghnóthaidhibh-se ar shlighe éigin. Dá mbeinn tairicthe tríd an lathaigh aca b'é bheadh uatha: dí-mheas is easmailt tugtha dhom. Is minic tairicthe trí chéile an cúrsa san againn agus níor éirigh linn fós riamh aon réidhteach d'fhagháil: é criathartha. Is me atá tairicthe tríd an anródh gem chlainn: go bhfuil an bhroid is an clampar curtha aca orm. Táim tairicthe ina dhiaidh aige ó mhaidean: b'é budh bhun lé me do dhul annso is annsúd ina fhochair. Is folláin do a adharca bheith tairicthe isteach aige: gur mhaoluigh sé, gur chúl sé, gur éist sé. An bhfuilim-se tairicthe anuas fós aca?: ar tráchtadh orm? Is minic tairicthe isteach i gcúrsaidhibh me gan aon leigheas agam air: me measctha ionta dhem aindeóin. Toisc an bhiadhaiste do bheith thart tá na báid tairicthe isteach: beartha ar an

dtalamh tirim. Seo dhíbh é, tá sé tairicthe liom agam, beartha liom is ní lé n-a thoil é. An t-arán ar fad tairicthe leis ag an madra: goidthe, sciobtha, etc. Dar leó go bhfuilim tairicthe leó aca: beartha ar a dtaobh féin. Níl na capaill tairicthe fós: toghtha as chrannchur. Scannróchadh sé thu is a scian tairicthe aige: nochtuighthe chun gnímh. An raibh aonnidh ag gabháil do lé déidheannaighe, tá cuma thairicthe air: shúighte, shuaidhte: riastaidhe ina chneas is an fhuil bháidhteach ann. Tairicthe go maith atá sé i ndiaidh Mhearaice: caithte, croithte, suaidhte. An capall tairicthe go maith tar éis a lae oibre: caoluighthe, suaidhte. Dá mbeadh céad eile púnt tairicthe as an mbannc agam ní bheadh puinn im dhiaidh: tógtha amach. Ar an dtaobh istigh de bhliadhain bheifeá tairicthe chun drochshláinte ann: thiocfadh san de dheascaibh na háite. Tá mo mhac tairicthe ag droch-chuideachtaidhibh chun ólacháin: spriogtha, meallta. Ní mór ná go bhfuil an croidhe tairicthe asam ag an lá: cruadhtan beartha orm a luigh go trom orm. Thairngeadar an tuile tharm, ach níor bhacas leó: chasadar gach aon rud im thaobh agus i dtaobh mo mhuinntire liom fíor agus bréag. Mhuise ó tá sé tairicthe chughat agat, connus tá sé? is fada riamh Éireann go bhfeaca é: ó tá tráchtuighthe agat air. Cad í an cheárd atá tairicthe chuige anois aige?: cad í an tslighe bheatha go bhfuil tugtha fé aige? Is maith an cheárd atá tairicthe aige air féin – gadaidheacht!: go bhfuil a aigne tugtha aige dho. Cloisim go bhfuil sé tairicthe siar ó chur isteach ar bheith ina theachta dála: cúlta: é tugtha suas aige. Dá mbeadh do chárta tairicthe siar in am agat: tógtha den mbórd. Mo thuairm go bhfuil an ghaoth tairicthe siar: sínte, dulta sa treó san. Ní rabhas ach tairicthe siar ón gconntabhairt nuair tháinig sé isteach: cúlta, druidte. Na súile tairicthe siar go maith cheal codlata: súighte. Níl aon fhocal adubhairt sé ó shoin id choinnibh ná go bhfuil tairicthe siar aige: cúbtha chuige. Ní túisce bhí mo chuid airgid tairicthe amach agam i dtacaidheacht mo chainnte ná thairig sé siar: tógtha as sparán, póca etc. Níl aon tigh dá raibh ann dathad bliadhain ó shoin ná go bhfuil tairicthe anuas: leagtha. Is iomdha pinginn airgid tairicthe riamh aige: tuillte. Dá mbeadh tairicthe fé againn uair an chluig roim ré bheimís in am: tugtha fé rud, taisteal etc. do dhéanamh. Bréag a rádh go raibh a dhorn tairicthe aige: buille (nó iarracht air) leis an ndorn tugtha. Truagh mhór thu, a fhir bhoicht, táir tairicthe as a chéile ag an saoghal: tnáidhte aige d'iarraidh maireachtaint. Tairicthe as a chéile gem chlainn: clipithe, cráidhte. Dá mbeadh na daoine tairicthe ar a chéile aige lé n-a chuid suainseáin is é a bheadh uaidh: curtha i mullach a chéile: achrann bunuighthe aige eatartha. Bhíodar súd tairicthe chun a chéile ag an mbitheamhantaidheacht: coidreamh is ceangal déanta dá bharr aca. Is fada agus is fuar go mbeidh tíortha an domhain tairicthe lé chéile airís tar éis díomais an chogaidh seo: muinnteardhas déanta eatartha. Connus réidhteóchad anois is iad tairicthe thar a chéile agat?: curtha in achrann. Ní fheadair éinne ach é féin a bhfuil tairicthe trí chéile ar feadh an lae aige: trácht is cúnntas tugtha aige ortha. Ní lé giorracht aimsire é ná go mbeinn tairicthe trí chéile go maith agaibh um an dtaca so: ciarlálta: mo ghnóthaidhe, mo bheart, mo cháil is mo chlú tagartha agaibh. Is tairicthe an nadhbhóg í: cuma líomhtha, sheólta uirthi. Is gleóidhte, tairicthe an cailín í: deagh-chúmtha: gartha. Seo leitir tairicthe agam chun an tighearna talmhan ag lorg lacáiste sa chíos: scríobhtha, curtha lé chéile, ag ríomh fáth m'iarratais. Dealbh madra tairicthe ar an bhfalla lé cailc: breacuighthe. Ní mór an téad san bheith tairicthe sara gcuirtear 'on tsáile í: sínte seartha is na ruaircínidhe bainte aiste. Barrántas tairicthe fé láimh giúistís chun bráighe do dhéanamh díom: scríobhtha agus scéala curtha air. Níl aon rud id bholg, bíodh geall, ná go bhfuil tairicthe asat aige: bainte amach asat lé gliocas: scéidhte agat ort féin leis. Sin scéal atá tairicthe as an

bhFrainncis: tógtha, athaithriste. An freasdalaidhe tairicthe ó chéile d'iarraidh freatháilt ar an iomad: tnáidhte ó bheith d'iarraidh teacht thall 'sabhfus ortha. Níl fiacal ina dhranndal ná go bhfuil tairicthe: staithte. Ná fuil an capall tairicthe amach fós?: é beartha as an eachlann. Seólta na luinge tairicthe anáirde: árduighthe. Brat na fuinneóige tairicthe: curtha ghá clúdach. Sin páipéar is an tslighe atá lé gabháil agat tairicthe amach air: línighthe: eólas curtha síos ann air. Feighre breágh nuadh de bhuataisidhibh tairicthe suas air: curtha air. Tá tairicthe air agam, ach ní thiocfadh liom: iarracht tugtha ar é do ghluaiseacht im threó lé neart. Bhíodar go léir tairicthe tímcheall na teineadh ag éisteacht leis an seanóir sa chúinne: bailighthe. Bhí an anál tairicthe aige um an dtaca gur shroicheas é: bhí sé tréis bháis. An bhfuil a fhios agat ná go bhfuil an drom tairicthe ag an obair asam: tá sí luighte go ró-mhór orm. Ní túisce gheóbhaidís cúis ar a chéile 'ná bheadh na sceana tairicthe aca: bheadh 'na chath eatartha. Ná bíodh aon eagla ort roimis, tá na fiacla tairicthe aige: tá sé curtha ó dhíth do dhéanamh. Gluaisteán tairicthe i leathtaoibh ar thaobh an bhóthair: curtha ina stad ar an slighe. Nách dóigh leat ná go bhfuil go leór den bpíp tairicthe agat: an tobac ólta aiste. Caith dhíot, tá an t-uisce tairicthe agat: súighte. Deirtear go bhfuil an scoil tairicthe dho: iarrtha air glacadh léi: tarraingthe.

tairigim: *b.a. & n-a.* sroichim, triallaim, gnóthuighim, ránguighim, tárluighim. Thairig sé an baile am éigin idir sin agus maidean, agus é ar na stárthaibh meisce: shroich, bhain sé amach. Longa móra d'fhág lé lastaibh i gcóir an chogaidh nár thairig cuan riamh: nár shroich. Níor thairig sé beart ná airgead riamh do féin as ar dhein sé dá dhúthaigh: níor ghnóthuigh: ní bhfuair dá bharr. Cad thairig an aicíd san áit?: cad chuir ann í?

tairiseamh: *f.1.* cómhnaidhe, fuireach, seasamh amach, neamh-chorruightheacht. Uaireanta is fearr teicheadh ná tairiseamh nuair bítear ró-mhaith do dhuine: seasamh amach. Is fada é tairiseamh mo mhuinntire sa cheanntar, tá, na céadta bliadhain: longughadh: cur fútha is fanamhaint ann. Aon lá go mbeadh call ag duine leis, siúd é an fear a dhéanfadh tairiseamh duit: sheasóchadh leat. Budh mhór an tairiseamh aca an ball do choimeád is na hionsaidhthe fíochmhara a tugadh chun a gcurtha as: seasamh cródha.

tairisim: *b.a. & n-a.* seasuighim, cómhnuighim. Tairis, a dheirgidhe!: seasaimh socair. Tairisidh ar bhur gcosaibh: seasuighidh mar a bhfuil agaibh.

táirleamh: *f.1.* d'fhagháil trí luaidheacht, fiúghantas; an rud a bhíos ag dul do dhuine dréir a bheart, teacht isteach, táille. Connus a mhaireann san a théigheas díom-sa gan tuilleamh ná táirleamh aige: táille, airgead ná a luach ag teacht isteach chuige. Fuair sé buardáil mhaith uatha, an cladhaire agus b'é a tháirleamh é mar is é atá go dona: b'é sin a bhí mór-thuillte aige. Gheibheann sé tárlamh beag éigin i ngach tigh lé truagh dho: fagháltas. Caitheann sé a tháirleamh: a thuilleamh.

tairm: *b.2.* glór, callán, achrann; éigheamh, rí-rá. An tairm bróg é sin do chloisim?: glór bróg. Aon néall níor leigeadh orm airéir, an oiread san tairme sa tigh budh ghiorra dhom, bhodharfaidís thu: geóin is dul trí chéile. An tairm ar fad a bhíodh ar fuaid an bhaile nuair bhíodh lá broideamhail fóghmhair rómpa: an gleódh, an t-éigheamh 'san fothram lé fuadar. Sin í tairm atá ort gur fear mín macánta tú: cáil.

tairnge: (**táirnge**) *f.4.* spíce géar miotail. Tairnge i mbeó ag an gcapall: san bhfeóil atá bog, mothálach. Tairnge i mbeó aige é sin do dhéanamh leis: goilleann sé go mór air. Bróga tairngidhe: go mbíd ionta. Bróg gan aon tairnge a bhí air. Tairnge ceárdchan: ceann a dhéanfadh an gabha féin. Milleann tairnge each agus milleann each seisreach: tairnge i mbeó cuireann capall ó obair. Bí amuigh ar an dtairnge, bead chughat ar an dtairnge, díolfad ar an dtairnge etc.: lom láithreach, go prap, gan mhoill. Níor mhór tairngidhe seaca chun siubhal ann, tá sé chómh sleamhain sin: rudaidhe oireamhnach i gcóir seaca. Tá an tairnge buailte go cruinn agat: chuiris amach é. "Agus daingneóchad é amhail tairnge a n-áit dhaingin; agus biaidh sé mar chathaoir ghlórmhór do thigh a athar" (Isaiah XXII. 23). Táid seo ró-ghearra, barr-thairngidhe atá ionta: rudaidhe ná fuil fada. Clocha chómh géar lé tairngidhibh: ró-ghéar. Cairbfhiacal aige a chognochadh tairngidhe: an-láidir ar fad. Ar thap an tairnge bhítheas chugham nuair chnagas ar an ndoras: gan aon mhoill in ao'chor. Dá mbeadh an tairnge ort ní chuirfeadh sé aon mhairg air: tú sínte marbh sa chómhrainn.

tairngeáil: (**táirngeáil**) *b.3.* do chur táirnge. Ag tairngeáil an bhosca: ghá ghreamughadh le táirngidhibh. Ag tairngeáil Chríost den gcroich: ag cur spícidhe tríd uirthi.

tairngeálaim: (**táirngeálaim**) *b.a.* cuirim tairngidhe trí, greamuighim. Tairngeálfad do cheann don bhfalla! má thugair a thuilleadh teallaireachta dhom: buailfead lé buille thu go ngreamóchaidh an ceann. Is me a thairngeálfaidh ort!: a iadhfaidh cómhla do chómhrann! Tairngeáil do bhróga: cuir cír thairngidhe ionta.

tairngire: *b.4.* (**tairngireacht**) fáistine, tuar, tuaradh, fáidheóireacht. Chuadar as san go Tír Tairngire: an dúthaigh a bheith geallta dhóibh: dúthaigh fé dhraoidheacht. Bhí sé san tairngire ná béarfadh Sasana slán ach aon long amháin, ní fheadar ar bh'í tionnlacan na seachtmhaine seo caithte bhí i dtreis: tuaradh é: innseadh roim ré é. Déanfad an méid seo tairngireachta go mbeidh an cogadh so i leathtaoibh fé bhliadhain go leith: innsim anois gur mar sin a bheidh. Bhí sé i dtairngire go dtiocfadh ár Slánuightheóir: innste ges na fáidhibh.

tairpeach: *a.* teann, láidir, dána, mursanta, dásachtach. Ghluais an t-arm allmhurach tríd an ndúthaigh go tairpeach gan géilleadh aca d'aon rud ná d'éinne ach ag scrios rómpa: go dásachtach fiadhain. Bhuail sé chugham anuas an tsráid go tairpeach gur dhóigh leat gur leis í ó n-a tóin go dtí n-a ceann: mursanta. Cuirimís chuige go tairpeach: ná bíodh aon eagla orainn chuige.

tairpeanta: *a. n-dh.* acfuinneach, bríoghmhar. Siúd é go bhfuil an goile is an meisneach aige, is é itheann go tairpeanta: lé guilm: fonn agus fuinneamh ann chuige.

tairseach: (**táirseach, tairsing**) *b.2.* cloch nó plannc fé bhun dorais idir an dá laidhe. Ná cuir do chos thar táirsig (tairsing) choidhche airís agam!: ná tair chun mo thighe: ná déin aon choidreamh leis an dtigh. Leac na tairsinge. Ná leig teine thar táirsigh lé linn cuiginne nó má bhíonn bean ag iomchar leinbh sa tigh (piseóga). Sé am do bheith ag cuimhneamh ar phósadh é is cos leis ar tháirsigh na huagha: buailte leis an mbás. Níor dheineas ach dul

thar tairsigh ann: ní dheárna aon mhoill san áit. Ní raibh ach mo chos thar tairsigh isteach nuair leagadh an tigh i ngabhal a chéile. Beidh an tsean-táille sara fada aige, tá sé ar thairsigh na ndeich mbliadhan is trí fichid: buailte. Tháinig sé go faobhar na tairsighe, ní thiocfadh a thuilleadh: go béal an dorais. "Ann sin d'imthigh glóir an Tighearna ó tháirsigh an tighe agus do sheas ós chionn na gcerúibíneach" (Esc. X. 18). Tá lán ó tháirsigh go fardoras innte: í mór, téagartha, árd. Táimíd ar tháirsigh na nuadh-bhliadhna, gura maith an mhaise dhúinn: i dtosach.

tairt: *b.2.* feóil thruagh, an chuid den bhfeóil ná bíonn saill uirthi; an chuid dhubh den rón, aon rud gan sughlach. Sí tairt na muice is fearr liom: an chuid chruaidh ná bíonn bán. D'íosfainn tairt an róin ach bíonn an iomad sughlaigh dom sa chuid eile: an chuid dhubh. Tá an mhóin ina tairt: cruaidh tirim, ina sponnc.

tairt-fheoil: *b.3.* feoil in at go mbíonn an fhuil imthighthe aiste; an chuid dhubh (tur go minic) d'fheóil ainmhidhe.

tais: *a.* bog, úr; maoth, truaighmhéileach, caoin, cneasta. Is í a labhair, go tais leis, d'fhonn is go bhfaigheadh sí an rud a bhí uaithi: lághach, cneasta. Níor bh'aon mhaith dhom bheith tais léi, ní thiocfadh aon chion aice orm: cneasta, lághach, caoin. Cailín chómh tais agus gheóbhfá ar do shiubhaltaibh, fial, fáilteach, fiafruightheach: cneasta, grádhmhar. "Tá an diabhal ar fad ort" – "ní taise duit-se, mhaise": nílir-se ar atharrach slighe. Ná cuir ort an t-éadach tais sin, nó cuirfidh sé an t-éag ionat: go bhfuil fliuchán nó úrmhaireacht ann. Níor mhaith leis leath-cheann do bheith ar neach beó, tá croidhe tais aige: truaighmhéileach. Bír ró-thais féd chuid, budh cheart duit gan an oiread do thabhairt uait: ró-fhial. Lá tais chun féir seadh é: beagán fliuchra sa spéir.

taisbeáint: *b.3.* (*-beánta, - beána*) do nochtadh, d'fhoillsiughadh, etc. Ní fheadair éinne connus tá aige, é istigh gan an tairsing do chur de, ná é féin do thabhairt lé taisbeáint d'éinne: radharc do thabhairt air féin. Is ait, aindeis atá do shaoghal curtha agat, gan faic lé taisbeáint agat ina dhiaidh: gan sochar, toradh, foillse: gan faic id sheilbh dá bharr. Táim chun mo mhéire do thaisbeáint don ndochtúir: radharc do thabhairt do uirthi d'fhéachaint cad tá bun ós cionn léi. Is é fuair an droich-theagasc is é ghá thaisbeáint: a thoradh lé feicsint ar a ghníomharthaibh. Ag taisbeáint an droich-mhianaigh atá ann i gcómhnaidhe: ghá chur in iúil. Ar éirghe dhom indiu ní raibh an ghrian ag taisbeáint lé n-a mhoiche: ní raibh sí anáirde. Ní fada ná go mbeidh an cailín seo ghá taisbeáint féin: ag éileamh breithnighthe na ndaoine. Má tá deoch féin ólta aige níl a thaisbeáint fós air: níl a rian lé feicsint air. Tugaim fé ndeara an t-ocras ag taisbeáint ionta (ortha): a rian go soiléir ortha. Ar chuma éigin tigh seadh é ná fuil aon taisbeáint mhór aige: taidhbhseamh: toirt. Níl aon taisbeáint ag an gcoirce: aon fhás fé a thabharfadh duine fé ndeara. Má táir ag obair cad tá lé taisbeáint agat as?: cad atá dá bharr agat? Chun taisbeána bhíonn sé mar sin ag cur na ngothaidhe sin air féin: é ghá iomchar féin go dtabharfaí fé ndeara é. Ag taisbeáint dom connus budh cheart an t-inneall do chur ar siubhal a bhí sé nuair sciobadh an mhéar de: é ag gabháil tríd an ionramháil. Ag taisbeáint a mheisnigh a bhí sé nuair thug sé aghaidh ar thriúr aca: ghá chur in iúil d'aon duine a bheadh ag amharc air. Budh mhaith an taisbeáint uaidh seasamh don dtigh: rud ná féadfaí gan suim do chur ann. Níor bh'fhada an mhoill air siúd an doras do thaisbeáint do dhuine: é do chur amach.

taisbeánadh: (**tasbánadh**) *f.* (*-nta*) d'fhoillsiughadh, nochtadh, do chur in iúil, do chruthughadh; cómhartha admháltais nó cruthuighthe, tuar, aon rud a cuirtear fé bhreithniughadh poiblidhe; rud a bheadh ina rún do nochtadh; nidhthe do nocht lé feart Dé. Taisbeánadh mór earraidhe leis an dtír seo ar Aonach na Nodlag: iad curtha in ionad fé shúilibh na poiblidheachta. B'olc an taisbeánadh a dhein sé indiu, ní dheaghaidh sé in aon ghiorracht don lá do bheith aige: foillsiughadh a fheabhasa. D'iarraidh so-thaisbeánadh do dhéanamh indiu, toisc é do bheith ar iarraidh indé: d'iarraidh cuid mhór, mhaith do dhéanamh. Is annsúd atá an neart agus an teacht aniar dá mbeadh sé ghá thaisbeánadh féin mar bhíonn daoine eile: dá gcuireadh sé in iúil é. Mháirseáil cathanna dár n-arm trí shráideannaibh na cathrach indiu agus dheineadar an-thaisbeánadh: i ndeallramh, in imtheacht, in aclaidheacht bhíodar go maith. Cá bhfuil do thaisbeánadh go rabhais ann, gur dhíolais an t-airgead, go bhfuilir chómh maith agus deirir: an cómhartha deimhnighthe. An páipéar so mo thaisbeánadh go rabhas ag cainnt leis: is é cruthughadh nó deimhniughadh atá agam é. Níl aon taisbeánadh dhá dhéanamh ag an arm Rúiseánach lé geairrid, is cosamhail go bhfuil a meanma ag meath: foillsiughadh. "Óir ní ó dhuine fuair me é, ná do teagascadh me, achd tré thaisbeánadh Íosa Críosd" (Gal. I. 12): eólas tagtha cruinn trí chómhacht Dé. Deineadh taisbeánadh dho i dtaidhbhreamh go dtárlóchadh cinneamhaint éigin do: tuaradh do é.

taisbeánaim: (**tasbáinim**) *b.a.* foillsighim, nochtaim, cuirim in iúil, cruthuighim, mínighim, teagascaim, láithrighim. Thasbáin an Mhaighdean Mhuire í féin di: láithrigh sí dhi. Thasbáinfinn-se dhuit ar phrap na súl má tá nó ná fuil eagla orm roim dhailtín mar thu: chuirfinn i luighe gaibhte ort é. Tasbáineann rud éigin dom go bhfuil droch-rud i ndán dom: braithim orm féin é: tuartar dom é. Tasbáin an freagra dhom mínigh dom an cheist. Tasbáin dom cá bhfuil cómhnaidhe ort: deimhnigh dom é: tabhair eólas dom air. Is gleóidhte na cleasa a tasbáineadh do as a óige: a múineadh do. Thasbáin sé é féin ag an bhfuinneóig: láithrigh sé ann go bhfaighfí radharc air. Dá dtasbáintí aon uair amháin dom é dhéanfainn féin é: dá ndéintí dhom é chun aithrise do dhéanamh. Thasbáin súd go raibh luas ann, bhuaidh sé a liacht rás: d'fhoillsigh, chuir in iúil é. "Tasbáin ('sbáin) é" – "ní hón Spáinn é ach ón bhFrainnc!" (áilteóireacht)

taisbeánta: *a.r.* (**tasbánta**) foillsighthe, curtha in iúil, deimhnighthe, radharc tugtha air, etc. Tá scoláireacht air siúd, is é taisbeánta aige, féach an chéim atá fachta aige: cruthuighthe. Faigh féin amach anois an áit, tá an treó ina bhfuil sé taisbeánta agam duit: eólas tugtha agam mar a luigheann sé. An bhfuil do dhícheall taisbeánta agat?: an méid is féidir leat déanta agat. Níl an chruithneacht taisbeánta fós: níl sí péacuighthe tríd an gcré. Is minic an peictiúir sin taisbeánta: curtha os chómhair na poiblidheachta chun amharc d'fhagháil air. An bhfuil an dubhachtaint ar na prátaidhibh taisbeánta fós?: an bhfuil sí curtha in iúil aice féin?

taisbeántas: (**tasbántas**) *f.1.* aonach, foillsiughadh; admháltas. Óir ná raibh an taisbeántas agam gur dhíolas an bille chuaidh an dlighe orm: admháltas, cómhartha scríobhtha. Nách gránda, suarach an taisbeántas atá déanta agat díot féin dul chun cocaidheachta lé cóip mar iad san: an t-aonach: an radharc dos na daoinibh. Thug an capall céadna taisbeántas maith uaidh ar gach rás dá raibh sé riamh: rith sé go maith:

budh mholta a ghníomh. Ón gcnocán úd thiar tá an-thaisbeántas ag an gcuan: deallramh an-bhreágh air. Dá mbeadh aon taisbeántas rinnce agam gheóbhadh sibh é: foillsiughadh: déanamh.

taisce: *b.4.* coimeád, stór, lón, áit chun ruda do choimeád, áit dhaingean; ciste. Cuir do chuid airgid i dtaisce is ná caith chómh hait sin é ar rudaidhibh neamhmaitheacha: i gcoimeád. Mara bhfuil airgead i dtaisce aige ar an méid do thuill sé agus a luighead ar chaith sé, is é iongadh an domhain é: curtha tharais: sábhálta. Cuir i dtaisce é sin go mbeidh sé ag tastáil agus ná leig ar bóiléagar é: in áit dhaingean go mbeidh sé lé fagháil ann nuair raghfar ar a iarraidh. Sean-stoca an bannc taisce a bhíodh aice: an áit ina gcuireadh sí a cuid airgid. Má tá go haon rud i dtaisce anois agaibh i gcóir bhur dturusa ambáireach bídh ag dul a chodladh: curtha i dtreó: gach aon rud réidh ullamh. Ní fiú dom bheith ghá chur im phóca ní haon taisce dhéanfad de: lón: ní tharm do chuirfead é mar thaca i gcóir lae eile. Tá poll éigin taisce aige nách féidir lé héinne d'aidhmsiughadh: áit éigin fholuightheach. An bhfuil aon taisce déanta agat i rith do shaoghail? nó an bhfuilir beo bocht dealbh: múirle: faic bailighthe lé chéile: lón. I dtaisce bainnc chuir sé a chuid páipéar ar eagla sladaidhthe: cófra nó cúlbháidh shábhálta. An ag taisce do nirt ataoi ná lúbann tú do dhrom?: ghá sparáil. Mo thaisce is mo ghrádh thu, dhéanfainn cuid mhaith ar do shon: a ionmhain. A thaisce, thabharfainn fuil mo chroidhe dhuit go fonnmhar lé cion ort: a ghrádh ghil. Cuir i dtaisce é agus gheóbhair gnóth dhe: in áit go bhfanfaidh sé. Dá mbeadh aon taisce air ní imtheóchadh sé leis an ngaoith: clúdach: coimeád. Sin rud atá déanta lé taisce agus a rian air is fada go scaipfidh sé: lé cáiréis agus snastacht.

taisceadán: *f.1.* áit chun rud do choimeád sábhálta, baileach ann. Taisceadán plúir: cófra nó a leithéid eile. Taisceadán maith, tirim an seómra so chun láimhscríbhinnidhe do chongbháil ann: áit shábhálta.

taiscim: *b.a.* déinim lón de, coingbhighim saor, sábhálta, cosnaim, tugaim aire dho. Thaisceadar a gcuid airgid nuair bhíodar ghá thuilleamh is ní hamhlaidh thugadar droich-cheann do mar thug a lán eile, tá sé lé tarang chúcha anois aca: chuireadar i gcrích é, i gcoimeád. Ní thaiscfeadh neach san áit me nuair bhíos ar mo chosaint, ach gach éinne ag faire ar scéidheachtaint orm: ní chosnóchadh: ní dhéanfadh folach orm. Nuair bhí cao ag na daoinibh ar an dté níor thaisceadar é: níor bhailigheadar isteach é: níor dheineadar lón de i gcóir an lae chruaidh. Sin bronntanas a thaisceas go cúramach ar feadh dathad bliadhain: gur thugas aire mhaith dho lé mór is fiú is lúib istigh ann.

taisc-ionad: *f.1.* áit choimeádta, stór. Is leibideach an taisc-ionad atá agat dod chuid airgid, do phóca: ní háit oireamhnach do é.

taiscneamh: *f.1.* cosaint, coimeád. Ag taiscneamh an chósta tá feighlidhe mara againn, do shíor ag faire: ag cosaint. Déin taiscneamh ar an áit seo go bhfillead agus ná leig d'éinne baint leis: cosaint. Dá mbeadh neach agam do thaiscneamh mo chirt: cosnamh.

taiscthe: (**taiscighthe**) *a.r.* curtha thart, i gcoimeád, lón déanta de. Is mór an faoiseamh d'fheirmeóir a chuid arbhair bheith taiscthe aige ina iothlainn ón sín: curtha in áit gan baoghal air. Deirtear go bhfuil deich gcéad púnt taiscthe tar éis do shaoghail agat: curtha

thart. B'fhearr dhuit do chuid airgid do bheith taiscthe i mbannc agat 'ná é bheith go fuairspreóiseach ar fuaid do phócaidhe: curtha in áit dhaingean ná himtheóchadh faic air.

taise: *b.4.* úire, fliuchra, buige, cneastacht, caoine, maoithneachas, géilleadh, cómbáidh, laige. Is minic nách fuláir dom an páipéar so do thiormughadh leis an dteine bíonn an méid sin taise ann go leathann an dubhach fé: úrmhaireacht. Ní bhfaighfeá aon éadaighe lé tiormughadh ag taise na haimsire, tá féar na talmhan fliuch fiú amháin: buige: úire: fliuchra san aer. Dá mbeadh croidhe cloiche ag duine ní fhéadfadh sé gan taise do bheith aige dos na leanbhaidhibh bochta gan athair gan máthair gan puinn lé n-itheadh aca ná éinne ina bhun dóibh: cómbáidh; báidh croidhe. Dá dtuiteadh an cnoc ort ní bheadh truagh ná taise aige dhuit leis an gcroidhe cruaidh atá aige: aon rian maoithneachais ná géilleadh dod iomard. Bím lán de thaise dos na saighdiúiridhibh bochta atá dhá shíneadh sa chogadh ghráineamhail seo: mothuighim go mór a n-aindeise. Mo thaise thu, ná bí ag gearán, is mór é do thinneas: mo bhaonach thu! Is mór an taise a bhíonn aca dhi, an deóraidhe bocht, tugaid biadh is éadach di: an chneastacht. Truagh ná taise ní bheadh agam d'éinne a chaithfeadh a chuid go bog agus ceal do bheith air ina dhiaidh: ní chorróchadh a aindeise in ao'chor aon mhothúilt cómbáidhe ionam. Ní mharbhóchadh sé cuil le taise croidhe: laige spioraide.

taise: *b.4.* scáth, tadhbhas, an taobh amuigh, aithbhreith, clódh. Dhearbhóchainn go bhfeaca thu ann; mara rabhais bhí do thaise ann: scáth. Sé do thaise é, ní aithneóchadh éinne thar n-a chéile sibh: is tú é it aithbhreith. Dhearbhóchadh sé go dtín lá indiu go raibh taise éigin ann: taidhbhse, tadhbhas. Táir go maith, ní fhéadfá gan bheith, tá do thaise mar bhláth: cuma chómh deallramhtach lé bláth. Ní thaithnigheann mo thaise léi: mo dhéanamh: clódh.

taiseach: *b.2.* fliuchra, úrmhaireacht, bogradh. Tá rian na taisighe ar mo shean-chnámhaibh, táim stangtha ag crampaidhe: bogradh na haimsire. Budh mhaith maireachtaint annso mara mbeadh taiseach na háite: fliuchra: bogradh.

taiseamhail: *a.* bog, úr, fliuch. Aimsir thaiseamhail, níl aon namhaid ag dathachaibh ach í: aimsir bhog, úr, a chuireann chun fiadhantais iad. Móin thaiseamhail is righin í chun teineadh: go mbíonn úrmhaireacht innte.

taisighim: *b.a. & n-a.* fliuchaim, úruighim, bogaim. Taisigheann na fallaidhe gan puinn cúise, níl ortha ach droch-thógáil: tagann fútha. Mara mbeadh gur thaisigh an tráthnóna bheadh sé go maith chun siubhalóide: gur dhein sé báisteach nó ceódhmharán. Taisigh an t-éadach sara gcuirir an t-iarann air: croith uisce air chun é do bhogadh.

taisighthe: *a.r.* bogaithe, úruighthe, fliuchta. An cóca ró-fhada déanta ar an ngort, tá sé taisighthe: úrmhaireacht taircthe chuige aníos as an dtalamh aige. Caithfeam dul fé scairt éigin, tá an tráthnóna taisighthe orainn: fliuchta: báisteach tagtha. Táir taisighthe go maith: braon maith dighe caithte agat.

taisiughadh: *f.* (*-uighthe*) d'fhliuchadh, d'úrughadh, do bhogadh. Caithfeam stad d'obair, tá an lá ag taisiughadh ró-mhór orainn: báisteach nó ceódhmharán. Thuit drúcht ar an

éadach, tá taisiughadh air thar éis na hoidhche: fliche: úrmhaireacht. Raghaidh taisiughadh ar do chuid éadaigh má fhágair amuigh fé spéir na hoidhche é: úróchaidh sé. Áit ró-mhúchta go bhfuil an tigh tógtha ann, tagann taisiughadh ar na fallaidhibh: fliuchra. D'iarraidh mo bheól do thaisiughadh lém theangain is spalla tarta orm: d'iarraidh fliuchra mo sheile do chur ortha. Tá taisiughadh allus orm, tá an seómra múchta, te: allus ag éirghe trí gach píochán ionam.

taisteal: (**taisdeal**) *f.1.* do thriall, gluaiseacht, turus, táirdeal, an t-achar a bhíos curtha ag duine dhe; ródaidheacht. Ag síor-thaisteal ar nós aon bhacaigh: ag gluaiseacht ó bhall ball. Is fada an taisteal as so go hÁth Cliath: turus. An ag taisteal ataoi go bhfuilir gléasta?: ag triall tamall ó bhaile. An bhfuil an chathair lá taistil as so?: an t-achar a bheadh déanta ag duine san eaga aimsire sin. Ar mo thaisteal níor leagas súil ar aon áit budh bhreághtha 'ná an Dún so: ar mo chuardaibh: de n-a bhfuil siubhalta agam. An garsún so an giolla taistil a bhíos agam: an teachtaire chun rud do bhreith chun cinn. Is annamh a bhíonn mo thaisteal ortha ní fheadar connus táid: mo thriall ann: go dtugaim cuaird ortha: go bhfiosruighim iad. "Ar thaisteal dhom trí bhailtibh puirt is bánta míne réidhe": triall ortha. Cá bhfuil do thaisteal?: do thriall: cá bhfuilir ag dul. D'imthigh mo chapall ar fán, bainfidh sé taisteal asam: siubhlóid. Budh bhreágh é a shaoghal ag taisteal críoch: ag dul ó thír go tír ar cuaird chun a bhfeicthe. Tigh fial, fáilteach ar thaobh an bhóthair do lucht taistil riamh dob eadh é: ródaidhthe: daoine a bheadh ag siubhal rómpa ar thurus fhada. Chaitheas tamall i dtúis mo shaoghail im mhúinteóir thaistil: ag múineadh thall 'sabhus i gceanntar áirighthe. Ní mór an taisteal duit gabháil tímcheall: turus aistir. Táid lé taisteal ann ambáireach: imtheóchaid ar thurus ann. Mála taistil: chun maingisínidhe mar éadach cnis, etc., d'iomchar. Dá fheabhas a bhí sé dhóibh faid bhí aon mhaith ann nuair chuaidh sé chun aoise, leigeadar chun taistil é: chun bóthair: leigeant do imtheacht, rogha aige bás nó beatha. Taisdeal is ní longughadh ag baile a bhí uaidh: dul ó áit go háit ag tuilleamh a bheatha.

taisteal: *f.1.* crann fiaclach chun lín do chíoradh air. Tá an oiread suain orm go gcodlóchainn ar thaisteal duit .i. ná braithinn na fiacla ag dul tríom le tuirse codlata.

taistealach: (**taisdealach**) *f.1.* ródaidhe, turasadóir. Mo bhean a dhein taistealach díom: a chuir as an dtigh me gurbh éigean dom m'aghaidh do thabhairt ar dhúthaighibh iasachta. Taistealach strae ar lorg fascan ó spéir na hoidhche: duine gan aon áit dá chuid féin aige.

taistealach: (**taisdealach**) *a.* tugtha do thaisteal, fánach, seachránach. Éan taistealach an fháinleóg: a thagas ó thír i bhfad ó bhaile agus a fhilleas. Caithfear ceangal do chur fén ainmhidhe seo, tá sé ró-thaistealach: tugtha d'fhánaidheacht. Ní duine taistealach é, ní fada chuaidh sé ó n-a thairsing féin riamh: tugtha do shiubhal.

taistealaidhe: (**taisdealaidhe**) *f.4.* seachránaidhe, ródaidhe, duine ag siubhal roimis. Bheith ina thaistealaidhe an ghairm bheatha atá aige: a ghluaiseas ag fagháil órduighthe do chómhlucht tráchtála. Dá mbeadh rud in aon áit lé fagháil bheadh sé aice an-thaistealaidhe seadh í: bean a shiubhlóchadh tamall fada ar lorg an ruda a bheadh ag teastbháil. Taistealaidhe éachtach an té a chuaidh isteach go ceartlár na hAfraice.

taistealaim: (**taisdealaim**) *b.a. & n-a.* triallaim, siubhlaim, gluaisim, gnáthuighim, bailighim. Thaistealadh sluaighte gach Domhnach chun cómhthaláin rinnce ann: bhailigheadh. Thaisteal sé Éire ó n-a ceann ceann: shiubhluigh í: ghaibh sé tríthe mar bheadh ar ghnóth nó ghá feicsint. Taistealann sé i dTráighlí go minic: gnáthuigheann sé é. Thaisteal san ó dhaoinibh maithe, is dual do bheith fial: ghluais: tháinig. An dtaistealóchair ar thraen na maidne?: an ndéanfair turus uirthe?

taite: *f.4.* uain, tráth. Bí amuigh ar an dtaite! tá glaoidhte ort: go prap. Nuair labhradh feargach leis bhí sé ina sheasamh de thaite: de phreib: gan mhoill. Ar an dtaite céadna bhuail an bheirt thar tairsing chugham: ar aon uain.

taitheach: *f.1.* neart, brigh, scabhárd. Níl an taitheach ina ghéagaibh chun oibre chómh cruaidh lé húrlaidheacht: neart: tathag: fulang is brigh. Tá taitheach id ghlór, a dhuine, is fiú éisteacht leat: fuaimeant. Déarfainn go bhfuil sí an-dhearóil ar fad, níl aon taitheach ina glór: lag de dheascaibh breóidhteachta. An té ró-fhada ag tarrac, tá an taitheach imthighthe as: an bhrígh: an scabhárd.

taitheach: (**taightheach**) *a.* gnáthach, cleachtach. Go fóill nílim taitheach ar na daoinibh san áit dheóranta úd agus ní bheadh sé ceart agam mo bharamhail do thabhairt ortha: cleachtach ortha: eólgaiseach ar a slighthibh, a nósaibh, is a meón. An bhfuilir taitheach ar ghluaisteán do thiomáint?: an bhfuil taithighe agat air?: an bhfuil eólas fachta agat air trí n-a dhéanamh. An rud nách taitheach lé duine is deacair milleán do bheith air ina thaobh: nách gnáthach bheith dhá dhéanamh aige. Aon nath ní chuirim ina deáibreachaibh, táim taitheach ortha anois: táim istigh chomh mór san ar a gníomharthaibh aite ná cuirim aon tsuim ionta. Déanfaidh sé saighdiúir maith nuair bheidh sé taitheach a dhóthain ar an ealadhain, tá an meisneach aige: ar mbeith dho ag gabháil di ar feadh tamaill.

taithiceach: *a.* (**taithigeach**) scabhárdamhail, tathagach, daingean, fuinneamhail. I dteannta é bheith mór, láidir tá sé taithiceach: tiugh, fuinnte, déanta, córach. Mhairbh sé trí bric mhóra, thaithigeacha: go raibh toirt is raigheadas ionta. Sé an siopadóir is taithigighe ar an mbaile é: is strusamhla: is mó go bhfuil maoin aige. "Dar fiadh thugais chughainn go taithiceach é", lé haon rud gur fiú glacadh leis: toirteamhail. Tá buillidhe taithigeacha fós ina ghéagaibh siúd agus cuirfidh deireadh an chatha in iúil é: buillidhe fuinneamhla, teanna. Is baoghalach go mbeidh na laimhne seo ró-bheag do n-a mhéireantaibh taithigeacha: toirteamhla: teanna.

taithighe: *b.4.* gnáthughadh, cleachtadh, nós, aitheantas, coidreamh, eólas. Tá taithighe mhaith againn ar bheith dealbh, ní chuireann an méid puinn mairge orainn seachas an chuid eile: coidreamh fada againn léi. D'ólfadh sé mórchuid gan a rian do bheith air toisc a thaithighe ar dhigh: coidreamh: é bheith ag gabháil de lé seal fada. Tá taithighe agam ort, ní déarfad faic: is eól dom do shlighthe trí aitheantas ortha. Tá cluig ar mo ghéagaibh ó rámhaidheacht, neamh-thaithighe a dhéineann é: ceal gan aon tástáil do bheith agam uirthi. Níl dá mhéid mo thaithighe air nách móide mo mheas air: mar théighim in aithne air seadh téigim i meas air. Taithighe do-ghníonn máighistreacht: is é an té is mó agus is minicighe a bhíos ag gabháil de rud is fearr chun a dhéanta. Téighir ina taithighe is

raghair i gceanamhlacht uirthi: cuir breis aithne is eolais uirthi. Budh thaithighe aige biadh maith lé linn a óige: rud do bhíodh aige dob eadh é. As a thaithighe is fearr an biadh so: dá mhinicighe d'íosfá é seadh is mó thaithneóchadh sé leat. Gnóthuigheann taithighe tarcuisne, sin mar bhíonn, fairír ag snámhaidhe maith leis an bhfarraige go minic: toisc a fheabhas ní bhíonn aon eagla air roimpe agus is tinn do. Dá mbeadh taithighe agat air bheadh a mhalairt de mheas agat: breis eólais. Thugas taithighe dhom féin ar éirghe moch as m'óige, agus ní bhfaighim aon duadh ann: chleachtas é. D'imthigh sé as mo thaithighe connus iascach lé slait: chailleas an cleas trí cheal cleachta. Bí-se ag déanamh calláin is clampair, óir is air is mó tá do thaithighe: is é is mó is fonn leat. Méaduigheann taithighe toil: dá mhéid eólas is conbharsáid againn ar aonnidh is móide ár bhfonn chuige. Níl aon teóra leis an dtaithighe: ag an té go mbíonn cleachtadh ar rud do dhéanamh is air is giorra agus is cliste chuige. Tá taithighe deich mbliadhan agam air agus ní fhéadfainn a rádh go bhfuaireas ach ina fhear mhaith é i rith na feadha san: coidreamh: eólas trí chonbharsáid ar a mheón 'sa mhianach. Bí ag taithighe snámha: ag gabháil de chun eólais do chur air. Mórán mór rud a raghaidh as taithighe ag an gcogadh so: a imtheóchaidh gan bheith dhá ghnáthughadh nó dhá chleachtadh ges na daoinibh. Le taithighe cheart ar an áit ní mór ná go sroichfeadh sé é is a dhá shúil dúnta: eolas cleachtuighthe ar an slighe. Suidh go dtéighir i dtaithighe an tighe: go bhfaighir coidreamh air. An rud budh thaithighe leat budh dheacair duit scaramhaint leis: budh bhéas. Do-ní taithighe treórach: gnáthuighimís rud is gheibhimíd breis eólais air. Beir ag dul i dtaithighe na Gadhealainge. Dá mbeadh taithighe an fhir agat thiocfadh cion do chroidhe agat air: aithne ar a shlightibh.

taithigheach: (**taithigeach, taithightheach**) *a.* cliste, conbharsáideach, eólgaiseach. Dá mbeinn taithigheach ar an gcósta dhéanfainn píleóitidheacht duit, ach óir ná fuilim níor mhaith liom dul ina threis: eólas agam cá ngeóbhainn trí ghabháil tríd cheana. Iad so atá taithigheach ar dhul anáirde san aer ní chuirid aon nath ann: eólgaiseach trí dhul ann. D'aithneóchadh éinne an lámh thaithigheach ar líomhthacht na scríobhnóireachta: a bhíos ag scríobh go mion is go minic. Ós tusa atá taithigheach ar an dtigh faigh na háruistidhe lé cur ar an mbórd: eólas an tighe agat. Ní fada an ealadha foghlumtha agam nílim taithigheach fós uirthi: ní mór an chao fachta agam ar áis do bhaint aiste. Ní chuirim aon nath 'sa néallachaibh a thagas air sin, táim taithigheach air: go mion is go minic tá coidreamh curtha agam ortha. Bean atá taithigheach ar theampall Dé atá innte: gnáthuigheann sí dul ann go mion minic. An bhfuilir taithigheach ar iascach le slait?: an bhfuil eólas agat trí bheith ag gabháil de cheana: an bhfuil cleachtadh agat air? Ní taithigheach ar ár dtigh é: ní ghnáthuigheann sé teacht, nó níl aon eolas aige cá ngeóbhadh sé ná cad dhéanfadh sé ann. Bír taithigheach go maith ann: gnáthuighir é. Ná bí taithigheach ar an ól: gan bheith ró-cheanamhail air. Fir thaithightheacha nár mhór chun oibre suaithinsighe mar déanamh eiteallán: go mbeadh eólas cruinn beacht aca ar a ngnóth.

taithigheach: (**taithightheach**) *f.1.* duine a ghnáthuigheas áit nó rud, go mbíonn cruinn-eólas aige ar rud. Sean-thaithigheach ar an ólachán é, tá sé ag gabháil de ó tháinig ann: duine go bhfuil árd-choidreamh aige air. Labhair lé taithigheach éigin air, ní fhéadfainn pioc eolais do thabhairt duit: duine go bhfuil coidreamh aige leis. An taithigheach an duine sa tábhairne seo?: an ngnáthuigheann sé é?

taithigheacht: *b.3.* coidreamhas, áis, gnáthughadh, cleachtadh. Nuair raghaidh sé i dtaithigheacht na hoibre tiocfaidh sí níos fusa air: nuair bheidh breis den eólas ag teacht chuige de bharr cleachttha. Caithfead eaga d'fhagháil chun dul i dtaithigheacht na ndaoine, dar ndóigh ní fada ina measc fós me: go dtagad isteach ar a slighthibh is ar a meón. Táim ag déanamh taithigheachta ar an bhfidil: ag gabháil de sheimint uirthi d'fhonn bheith níos cliste. Nuair bheidh taithigheacht an tighe agam ní bhead chómh scáinteach: breis choidrimh curtha agam ar an líon tighe. Is deacair deighilt le haon rud go ndéintear taithigheacht de: cleachtadh: gnáth: béas.

taithighim: *b.a. & n-a.* gnáthuighim, coidrighim, béasuighim, cleachtaim, aithnighim. Fairír níor thaithigheas malairt na bochtanachta riamh: níor choidrigheas: ní raibh agam acht í. Taitheóchad an áit seo feasta, taithnigheann sé liom: gnáthóchad é: tiocfad ann níos minicighe. Tá sí salach, agus salachar do thaithigh sí: gur chuir sí aithne air: gur ghnáth léi do bheith aice. Droch-chuideachtaidhe do thaithigh sé, is a rian air, dheineadar an-chúinse dhe: do chleachtadh a bheith ina gcoidreamh. Ar taithighis riamh do bhéal d'éisteacht mar marar dheinis dhéanfadh sé maith na cruinne dhuit: ar chleachtas: ar dhéinis béas de. Thaithigheadar biadh maith agus glanchar ina n-óige: bhíodh siad aca. Dhearbhuigh sí gur thaithigh sé í: gur chlannuigh: gur aithin. Taithigh snámh, déanfaidh sé maith dod shláinte: cleacht é. Taithigh breis den bhfírinne feasta: bain áis aiste: abair níos minicighe í. Thaithighis an díomhaointeas, sin é thaithighis: aon rud eile níor dheinis riamh ná ní dhéanfá. Príosún is anacair a thaithigh sé furmhór a óige ar son a dhúthaighe: gur ghaibh sé tríd. Taithigh an scoil as t'óige agus beir an fhoghluim leat, ní haon ualach duit í: téighir uirthi, agus tabhair aire dhi. Níor thaithigheamair riamh peil ar an oileán, toisc gan é do bheith réidh: níor chleachtamair: níor chuireamair aon eólas uirthi trí bheith ag gabháil di. Ná taithigh an dlighe má fhéadair, níor bh'fhearrde éinne riamh é: ná bíodh fonn ort dul chun cúirte. Níor thaithigh sé bean riamh: níor chuir sé aithne uirthi. Taithigh teacht chughainn: déin béas de. Níor thaithigheas bailte móra im óige: níor ghnáthuigheas: ní thugainn cuaird ortha. Taithigheann slaghdán an taca so de bhliadhain me: tugann turus orm. Tagann na héanlaithe sin annso, ach ní thaithighid an samhradh againn: ní chaithid. Taithighim me féin ar bheagán oibre fén spéir: déinim roinnt di anois agus airís (ar son mo shláinte, etc.). Thaitheochadh dá bhfaigheadh: leanfadh de. Taithigh labhairt ós árd: déin béas de.

táithín: *b.4.* táth bheag, beagán léas (arbhair), ruibe gruaige. Tairng táithín as an gcóca: ádhbhairín féir. Cuir táithín eile sa tsúgán: beagán léas seagail, coirce nó pé saghas é. Táithín ag tuiteam anuas chómh gleóidhte ar a héadan: stuaicín.

taithiughadh: *f.* (*-uighthe*) cleachtadh, gnáthughadh, fiosrughadh, coidriughadh, béasughadh. Ní maith lé héinne, creid me leis, tu bheith ag taithiughadh an ólacháin: bheith ag gabháil de chómh minic ná chómh mór. Bíd ag taithiughadh na háite go mór lé déidheannaighe, ní fheadar cad bhíonn uatha ann?: gnáthughadh: ag triall ann go minic. Thar éis a thaithighthe ar feadh mí d'éirigheas as, níor thaithnigh sé liom: é do bhéasughadh, a choidreamh do chur: a chleachtadh do dhéanamh. Ó bhliadhain bliadhain bíonn an chuach ag taithiughadh an bhaill sin: ag gnáthughadh: ag tabhairt turusa ann.

taithighthe: *a.r.* gnáthuighthe, cleachtuighthe, coidrighthe, béasuighthe. Is minic taithighthe tigh an tábhairne aige: gnáthuighthe: a thurus tugtha aige ann go mion minic. An mhacántacht atá taithighthe riamh aige, is fada go bhféadfair aon rud do chur ina leith: cleachtuighthe: béasuighthe: is í gur thaobhuigh léi. Dá méid is dá fhaid atá sé taithighthe agam a fhoghluim níl éirighthe liom: gabhtha de agam. Má tá an áit taithighthe ag éinne is agat é: turusanna tugtha air. Dá mhéid a bheadh dá bharr agat, is fiú thu é, tá sé taithighthe go maith agat: is eól duit cad é an duadh atá ag baint leis. An rud a bhíonn taithighthe ag duine as a óige, is leis is mó bhíonn leagadh aige: cleachtuighthe.

taithneachtáil: *b.3.* do shásamh, leagadh, réidhteach. Níl aon taithneachtáil leis an áit agam, ní mhairfinn ar ór ná ar airgead ann. Faid a chaitheas ann bhí na daoine is an áit ag taithneachtáil go mór liom: shásuighidís me: ní néidís dochar ná díth dom. Is fada go raibh an bheirt ag taithneachtáil lé chéile, ní labhraid: ag réidhteach: ní maith lé duine aca an duine eile. Níl an biadh ag taithneachtáil in ao'chor leis, ní mór go mblaiseann sé é: ag réidhteach: ní taithneamhach leis é. Mara bhfuil san ag taithneachtáil leat, tabharfad a mhalairt duit: maran mian leat é chun a thógtha. Tar éis na taithneachtála go léir ar a mbéal bíd ag achrann: aontadh is taithneamh.

taithneamh: *f.1.* do lonnradh, lasadh, shásamh; gléas, gile, áilne, mórtacht, cion, grádh, aoibhneas, áthas, aon rud a thugas aoibhneas, fíor-ghrádh. "Taithneamh na gréine ortha aosta is óg, etc.": lonnradh: ag tabhairt a solais is a teasa dhóibh go rabairneach. Chonnac go soiléir é mar bhí an solas ag taithneamh isteach ina aghaidh: ag caitheamh. B'fhearr liom de dhath an dearg so, is ann is mó taithneamh: lasadh, lonnradh: is soiléir agus is gléidhe é. Chómharthóchadh éinne an taithneamh ina folt: an néall: a shoiléire atá an dath ag foillsiughadh. Lé feabhas an bhídh atá aige tá taithneamh ina chneas: lainnear, gléas. Lé taithneamh duit seadh bhím ag áilteóireacht leat, an dóigh leat go ndéanfainn oiread buannaidheachta ar dhuine nár mhaith liom?: cion, leagadh báidheamhail aigne. "Fuair an madra san cnámh mór feóla" – "is taithneamh leis": is aoibhinn: is é a sháisigheas é go mór. Budh mhór an taithneamh éisteacht lé líomhthacht a theangan: aoibhneas: áthas croidhe. Creid me leis go gcuireann sé taithneamh orm bualadh leat: aoibhneas is subháilceas croidhe. Ní taithneamh leat me, agus aithnighim ort é: ní háil leat: ní chuirim aon aoibhneas ort ach a mhalairt. Tugadh taithneamh do Pheáirneil sa dúthaigh seo má tugadh do thaoiseach riamh: báidh agus cion. Taithneamh ceart dom í: cuireann sí aoibhneas ar mo chroidhe istigh. Bhí taithneamh ceart air ag tabhairt a theangan dóibh mar is é a bhí tuillte aca: sásamh: aoibhneas croidhe. Mar adubhairt an fear leisceamhail is ná leigfeadh tuirse cnámh do éirghe, "má tá an saoghal in earrad linn, tá an ghrian ag taithneamh orainn" .i. is mór an nidh dúinn go bhfaighimíd oiread sásaimh as lonnradh na gréine agus gheibheann cách. Mo thaithneamh thu: is tú mo ghrádh ceart. Thugas grádh agus taithneamh dom Mháire: sár-bháidheamhlacht croidhe a geineadh go nádúrtha. Thug sé taithneamh is páirt di thar mhnáibh uile an domhain: báidh an chroidhe go hiomlán. Lé taithneamh don bhfiadhach raghadh sé na ficididhe mílte chuige: lé fonn chuige. Níor thugadar aon taithneamh riamh d'fheóil ghuirt: ní raibh aon leagadh aca léi: níor mhian leó a itheadh. "Nách taithneamh ná téadhamh ná aon phioc grádha dho etc.": cion dá bhreághthacht. Cuireadh taithneamh na mbuidéal fén solas dúil aige sa digh: an ghlioscarnach: gléas. Ní bhfaighim aon taithneamh in iascach nuair ná bíonn an t-iasc ag

breith: sásamh. “An dóigh leat go n-íosfadh sé dá dtafanntuightí biadh air?” – “b’é a thaithneamh é”: an rud a chuirfeadh áthas a chroidhe air. Nách olc an aigne atá aige mar dhuine, gur bh’é a thaithneamh gach éinne bheith bocht acht é féin: adhbhar mór áthais. Thug sé dhuit é is ní le taithneamh duit é: le cion ná báidh leat. Ní mór an taithneamh a bhí ar phrátaidhibh ar an margadh indiu: fonn chun a gceannuighthe. Grádh gan taithneamh atá aige dhi, tá airgead aice: ní lé cion uirthi adeir sé go bhfuil sé i ngrádh léi. Sé an fear é ná fuil an taithneamh ina chroidhe is saighdiúiridhe dubha do chur go hÉirinn: an taise.

taithneamhach: *a.* áthasach, sásamhach, aoibhinn, deagh-dheallramhtach, geal, glé, néallach. Leabhar taithneamhach lé féachaint air seadh é, pé slighe atá sé lé léigheamh: cuireann a dheallramh sásamh ar an súil. Is ar a mhéireantaibh siúd do bhí na fáinnidhe taithneamhacha: go raibh an deallramh aoibhinn, so-amhairc ortha. Is taithneamhach an cailín í ina meón: go mbeadh cion agat uirthi mar gheall air: miochair: soilbhir. “Geallfad púnt do as” – “is taithneamhach leis”: soilbhir: cuireann mór-shástacht aigne air. Beidh an lá go taithneamhach ar an bhfarraige indiu: aoibhinn: réidhteóchaidh sé lé haigne dhuine bheith uirthi. Sin deoch thaithneamhach agat: deallramh maith uirthi agus í soilbhir lé n-ól. Scéal taithneamhach thabharfainn an oidhche go maidean ghá léigheamh: inspéise, aoibhinn.

taithneamhacht: *b.3.* soilbhreacht, aoibhneacht, gileacht. Lé taithneamhacht a cuideachtan níor bhreághtha liom bheith i bhfochair éinne ’ná ina fochair: soilbhreacht: breághthacht is aoibhneacht. Ní raghfá thar thaithneamhacht an bhronntanais a fuair sí uaidh: an deallramh aoibhinn, slachtmhar atá air. “Taithneamhacht aoibhinn suidheamh na sléibhte ag bagairt a gcinn thar dhruim a chéile”: a bhreághthacht do thaidhbhsigheann don súil. Dá bhfaighinn lé taithneamhacht cainnte é ach ní bhfaighinn ach sclaimh is béic aige orm: soilbhreacht. D’éirigh mo chroidhe orm lé taithneamhacht a cistean: a slachtmhaire, a fheabhas agus a ghlaine a bhí gach aon rud cóirighthe socair.

taithneamhaighe: *b.4.* aoibhneasacht, soilbhreacht, lághaicheacht. A thaithneamhaighe agus thaidhbhsigheann an áit dom ní fhéadfadh sé gan bheith go maith: sásamhach don súil is don aigne lé n-a dheighdheallramh. Glacfaí in aon chuideachtain léi lé taithneamhaighe a béas: a bhfeabhas agus a gcneastacht. A thaithneamhaighe agus bhuaidh sé an rás úd bhí sé i mbéal na ndaoine ar feadh na mbliadhan ina dhiadh san: a chlisteacht is a fheabhas.

taithneamhail: *a.* soilbhir, lághach, cneasta, so-ghlactha, so-amhairc. Cad tá ort indiu? níl cuma thaithneamhail ort: cuma go mbeadh báidh ná leagadh ag duine léi. Níor bhuail sé liom riamh ná go mbeadh sé taithneamhail: ná gur mian leat i leith a iomchair. Táir neamh-thaithneamhail indiu dom: ní chuireann tú sástacht ná aoibhneas orm. Níl neach ach duine tormais ná go dtógfadh an tairsgin thaithneamhail úd: so-ghlactha. Tigh taithneamhail chun bualadh isteach, téanam: gur mhian leat san lé n-a bhféile, a bhfáilte agus an déanamh soilbhir a gheóbhfá uatha. Bí taithneamhail lé labhairt leat, ná bí borb ná grod: lághach, mín, tais.

taithneamhas: *f.1.* soilbhreacht, lághaiche, cion, aoibhneas. Is mór an taithneamhas orm é, cuireadh do thabhairt dom seachas éinne eile: ceanamhlacht. Lé taithneamhas a chroidhe thabharfadh sé aon rud a bheadh aige dhuit: nádúir mhaith. Lé n-a taithneamhas is furaiste dul chun cainnte léi: é bheith de nádúir innte gur furaiste a coidreamh do chur. Á, a dhuine, tá taithneamhas an domhain uile innte: bhainfeadh sí cion do chroidhe ionat di. Saoiste bog, géilleamhail, tá taithneamhas bheith ag obair do: sástacht.

taithním: (**taithnighim**) lonnruighim, sásuighim, tugaim aoibhneas do. Ar thaithin an áit leat?: ar chuir sé sástacht ort? Níor thaithin leis a ndubharthas leis, chuir sé lé fiardamhaigh é: níor bh'áil leis in ao'chor é. Taithneann (taithnigheann) an áit agus na daoine liom, aon locht ní bhfaighim ortha: cuirid sástacht is sochmacht aigne orm. Má thaithnigheann leat: más toil leat: má chuireann sé aoibhneas ort. Is amhlaidh mar tá aige ná feadair sé cad is fearr a thaithneochadh leis: lé duine a bhíos ag tormas so, nó go mbíonn nidhthe ró-mhór ar a thoil aige. Ní thaithneóchadh éitheach liom: níor mhaith liom é: slighe chneasta so ar a rádh lé duine ná bíonn sé ag innsint na fírinne. Níl éinne ná go dtaithneóchadh an bhean chéadna leis: tá meón agus imtheacht grádhmhar fúithi. Léan ar mar áit, níor thaithin (thaithnigh) an ghrian riamh: níor lonnruigh. An bhean a thaithneóchadh leis ní bhfaigheadh sé í: an bhean dob áil leis bheith mar chéile aige.

taithnighthe: *a.r.* lonnruighthe; ar aiste bheith sásta. Is fadó indiu atá an ghrian taithnighthe ar an áit úd: éirighthe is ag caitheamh a gathaidhe. Táir taithnighthe leis gach éinne annso: is áil leó thu.

táithte: *a.r.* ceangailte, cuibhrighthe, fighte, fuaighte, dlúth-bhuailte, dlúithte. Is iomdha lá agus oidhche me táithte lé mnaoi an lamhnáin riabhaigh!: pósta nó cuibhrighthe leis an mnaoi go bhfuil an droichmhianach innte. An dá orm táithte anois i gcath nách fios céaca bheidh in uachtar: sáidhte go dlúith ina chéile. Déin blúire d'arán táithte agus braon maith te té, is é is éadtruime dho: slisneóga aráin, barra-dhóighte, briosc ó theas na teineadh. Níl aon lá is fuaire ná lá táithte an tsneachtaidh: an lá bhíonn ag leagadh. Chómh táithte lé chéile is tá an chos agus an tuairgín: ceangailte go dlúith, do-scartha. An stampa chómh táithte leis an gclúdach ná féadfainn é do bhaint: ceangailte, greamuightheach. Craoluigheadh ó Shasana go raibh a ngreim chómh táithte sin ar an ndrom cnuic do bhaineadar amach nár bh'fhéidir a ruagadh: an t-ionad daingnighthe aca. An chos táithte lé ceann na pípe go gcaithfeá í bhriseadh níos túisce ná scarfadh sí leis: dlúithte: fáiscighthe ina chéile. An chos táithte ag an dtuinncéir leis an gcorcán: daingnighthe, greamuighthe go dlúith lé goradh.

taithteach: *a.* ceangailteach, greamuightheach etc. Ní fada d'fhan sí aige, d'fhág sí é, níor shácraimint thaithteach aice siúd an pósadh: ní mór an tsuim do chuir sí ann mar chuibhreach. Bíonn srumaidhe eascún gach aon phioc chómh taithteach lé gleóthán: chómh greamuightheach: deacair do scaramhaint.

tál: *f.1.* úirlis go ndéanamh tuaighe agus lann cuar innte, ceart-uilleannach leis an gcois chun uachtar adhmadaidhe do shnoighe. Ag cúipéir do bhíonn sí de ghnáth.

tál: *f.1.* do thabhairt bainne, súghlaigh etc., do rith, do ghluaiseacht, do theacht as; crúdhthach ainmhidhe, sliocht. Budh thruagh í féin agus budh thruaighmhéileach an radharc í, na tála léi anuas: na deóra ag teacht ina sruthaibh. Is mór an tál do bhuin an méid sin gallún bainne sa ló: crúdhtach: toradh. Níl tál circe ag an mbuin: fíorbheagán bainne. Seadh, a fheara, is diail a raibh sa bharraille má tá sé ag tál fós: ag tabhairt dighe. Nách í a thug tál a chíoch dhuit ná go mbeadh cion agat uirthe: a thug deól duit. Sinidhe tinne atá ag an gcráin ná fuil sí ag tál ar na banbhaidhibh: ag tabhairt bhainne dhóibh: leigeant dóibh í dheól. Nách leibideach a leigis uait é, féadfair bheith ag tál na ndeór anois ina dhiaidh: bheith ag caoi is ag gal. Cad is bun leis na deóraibh seo ag tál leat?: ag teacht ina sruth. "An tál is lugha atá ag siubhal na sráide": an dream: an sliocht. Nách dóigh libh anois ná gur mithid díbh stad de bheith ag brath orm-sa ná go bhfuil tál maith déanta agam oraibh: cuid mhór mhaith tugtha agam díbh dem mhaoin, dem strus. An dá dhúthaigh ag tál ar a chéile ar gach aonnidh a oireas dóibh: ag tabhairt is ag tógaint. Tál gan trághadh atá ag an soitheach: oiread san ann go bhfuil ag teacht as ar feadh i bhfad. Cuir do thál annsan ameasc na coda eile: a bhfuil agat. Bheadh sé ag tál fola go dtín braon déidheannach: ag tabhairt. Níl aon bhaoghal ná go bhfuil tál maith déanta ag an iothlainn: mórán arbhar is uile tugtha aice.

tálaim: *b.a. & n-a.* tugaim go rabairneach, steallaim, spréidhim, taoscaim, silim. Níor thál máthair ar leanbh riamh ná go raibh sé chómh mhaith leis: níor thug bainne cích dho. An bhean a thál a cíoch air is gránda an déanamh a thug sé dhi í thréigean: a thug a cuid bainne dho. Táltar mórán bainne ar an mbaile sin. Do thálas tamall maith ortha, déarfainn gur mithid stad anois: bhíos ag tabhairt mo choda dóibh. Ná tál a thuilleadh deór, ní fiú an cladhaire é: ná doirt: ná caoidh. Ní thálfaidh an barraille a thuilleadh gan gaoth do thabhairt do: ní thabharfaidh tuilleadh dighe. Ní thálfaidh an méid seo ar a bhfuil láithreach: ní shroichfidh cuid gach éinne atá ag súil leis nó ag brath air.

talamh: *f.1.* uachtar dlúith, caladais na cruinne, mar atá deifreamhail lé huisce, achar áirighthe nó réigiún den ndomhan, dúthaigh, eastát, líomatáiste; an úir maidir lé n-a cháilidheacht curadóireachta, etc. Talamh báin: gan cur: go mbíonn féar air. Talamh curtha: go mbíonn barra air. Ná gearánadh éinne a bhíos ar an dtalamh tirim pé sín a bheireann seachas bheith ar an bhfarraige: an talamh cruaidh féd chois. Deineadh talamh briste den gcliathán cnuic sin: cuireadh barraidhe ann. Is annsúd atá talamh na curadóireachta: go maith chun fáis. Talamh leasuighthe (sean-leasuighthe): go mbíonn aoileach nó leasughadh ina chroiceann sara saothruightear é. Déin an talamh air: bíodh an lámh uachtair agat air: buaidh air: beir chun cinn rud. Ní dhéanfad an talamh choidhche .i. ní éireóchaidh liom an rud atá rómham do shroichstint, nó ní bhuailfead talamh tirim ó uisce. An bhfuil aon talamh mór déanta ar an dtigh agat?: an bhfuil mórán de tógtha agat? Dhein sé an talamh uirthi, tá sí aige d'aindeóin ógánach na dúthaighe: tá sí buaidhte aige dho fein. Níl aon an-thalamh, déanta ó mhaidean aca, geallaim duit, níl ach fíor-bheagán scríbhte aca: níl mórán dulta chun cinn aca. Thángadar i dtalamh an chéad lá samhradh: shroicheadar port tar éis geábha farraige. Téighir i dtalamh go gaoidhean annso: taighd, tochail nó rómhar. Chuaidh an chéachda i dtalamh orm: ró-fhada síos ón uachtar. Tá an soc so ag dul i dtalamh ró-mhór: tá an iomad sainnte air: a bharra amuigh casta síos rómhór chun treabhtha. Ar thalamh thirim na hÉireann (an domhain) níl bhur leithéididhe eile de dhream díomhaoin lé fagháil: innte ar fad. Go raghad i dtalamh ní mhaithfead duit

ar dheinis orm: go n-adhlacfar me. Ná leig i dtalamh an bád: dul fé dhéin carraigeach. Nuair scaip an ceódh ní raibh aon chómhartha talmhan ann a aithneóchainn bhíos i mball iasachta: carraig, faill, cnoc nó eile. Bhí an lá ag breacadh thoir sarar bhaineamair talamh amach: sar ar shroicheamair an cósta. As thalamh éigin eile an duine seo ní fuláir níl clódh an Éireannaigh air: dúthaigh iasachta. Níl aon toradh dhá bhaint as an dtalamh níos fearr 'ná cruithneacht: ní thugann a máighistir. Buaileadh duine éigin cos ar an gceól san, is mór an truagh é bheith ag imtheacht fé thalamh: ina roileach. Bíodh sé ar gach cruinniughadh a bhíodh againn, is níor samhluigheadh d'éinne riamh ná go raibh sé chómh dílis le cách, ach is amhlaidh a bhí ag déanamh uisce fé thalamh: ag beartughadh díoghbhála dhúinn i leith a mhacántachta. Dá mbeadh rud fé thalamh gheóbhadh sé é: tá sé go maith sa lorgaireacht. Raghainn fé thalamh chuige lé dúil ann: níl aon rud ná déanfainn chun a bheith agam. Bóthar fé thalamh: ná bíonn lé feicsint. Thángadar de thalamh: ní har uisce do thaistealadar. Chuaidh sé go talamh air: dian go maith: síos go dtí an gaoidhean. Níl na prátaidhe sa talamh fós: curtha: i gcré. Mheasas go sloigfeadh an talamh me lé náire: tháinig dearg-náire orm. B'fhearr liom bheith seacht slata i dtalamh ná bheith ag éisteacht leis ag cainnt ait: as radharc na ndaoine: adhlachta. Cheapas go n-osclóchadh an talamh leis na heascainidhthe a chaith sí liom: b'uathbhásach an béal a bhí uirthi. D'fhéachas uaidh ar feadh leathuairín nuair fhéachas ina threó airís bhí sé imthighthe mar shloigfeadh an talamh é: ní raibh aon fhagháil air. Ag lorg rud ná faightear deirtear, "ní fuláir nách é an talamh a shloig é". Dá dtuiteadh an t-aer 'san talamh ar a chéile orainn ná go ndéanfam seift éigin: ná dallfar amach ar fad sinn. Thugamair ár dtosach do thalamh: d'iompuigheamair i dtreó an chósta. Ar thalamh naomhtha an domhain ní bhfaghfá puinn chómh diadha leis: in aon áit. Ní fada go mbeidh do bhuinn ar an dtalamh: do bhróga caithte agat. Níl an oiread san ainmhidhthe ar an dtalamh aige: ar an bhfeirm atá aige. Chaill sé a chiall chun talmhan: dúil aige breis de do bheith aige. An taoide ag cur chun na talamh: i dtreó an chósta. Déarfainn go bhfuil an ghaoth ag dul chun na talmhan: fonn uirthi séideadh amach ar an muir uaidh. B'fhearr liom bheith i bpoll talmhan ná bheith ag bruic libh, is sibh an scata diabhal is mó a bhuail riamh umum: curtha. Níl fá thalamh an domhain saighdiúiridhe is fearr 'ná Éireannaigh: níl fagháil in aon tír. A chuid gruaige go talamh léi: folt fada. Deóra go talamh liom: me ag gol go fuidheach. Í gléasta go háluinn ó mhullach talamh: gach aon bhall éadaigh uirthi a oir di. Fuairis ó thalamh an cioth sin: thuit go leór leór báistighe ort. Shleamhnuigheas agus tógadh ó thalamh me: árduigheadh glan de me is leagadh. Tógadh ó thalamh sinn i lár na hoidhche: tángthas i nganfhios orainn is deineadh fothrom a chuir ar barra ithreach sinn. Tógadh ó thalamh me, a dhuine, nuair tháinig scéala ar bhás m'athar chugham chómh grod: baineadh geit an anama asam. Bhíomair dhá lá seóil ó thalamh: fén bhfarraige amach. Sin é, is deas gasta an bhean thu, leig an bainne fén dtalamh: é do dhortadh is do scaipeadh. Is cuma cad déarfaí leis, ná cé déarfadh é, dhéanfadh sé talamh slán de: chreidfeadh sé é lé n-a shaontacht. Eadrainne tá talamh slán déanta den ráfla san: creidtear go fóirleathan é. Duine uasal ó thalamh seadh é: ceart, go fírinneach. Díolfair-se ó thalamh fós liom-sa as an éitheach so: go daor. Mo dhá cheann i dtalamh d'iarraidh an ghreama do chur i mbéal: i gcré: me ag obair ar nós an chapaill. "Connus tá sé?" – "a dhá cheann i dtalamh": é cromtha, lúbtha. Thug sé an béal ó thalamh do: níor fhág sé thíos ná thuas air é. Chuaidh an sionnach i dtalamh orainn: chuaidh sé ina phruais dhaingin nár bh'fhéidir teacht uirthi. Táimíd gan talamh gan tighearnas: níl seilbh ná cómhacht againn. Níl fód de thalamh na hÉireann aige: aon rud a

bhainfeadh, a chuirfeadh ná go n-adóchadh air. Is maith an marcach a bhíos ar an dtalamh: is é an té ná bíonn ag marcaidheacht go mbíonn an chainnt go léir aige connus capall d'ionnramháil. D'éirigh sé ó thalamh nuair chualaidh sé go raibh an t-eiteach fachta aige is níor fhág sé thíos ná thuas orm é: d'éirigh sé chun buile. Ní heólach dom in ao'chor cad fáth an t-éirighe ó thalamh so fé mhac dhuine bhoicht: éirghe anáirde: lán agus tóirtéis. Ó (as) thalamh an domhain ní fhéadfainn a dhéanamh amach cé a bhí agam ar dtúis: dá mhéid machtnaimh is cuimhnimh a dhéanfainn ní éireóchadh liom. Tá a fhios ag an dtalamh, ó sé tá balbh, mhais, go dtiocfaidh ciall do san fós mara mbeidh sé ró-dhéidheannach aige: bíodh geall. "Cé hé sin, an bhfeadraís?" – "tá a fhios ag an dtalamh ná feadar": aon tuairm níl agam. Thúirling an t-eiteallán ar an dtalamh: ar an ndomhan so fé n-ár gcois. An gcuireann an deighscéala úd an-éirghe ó thalamh ort?: áthas is lúthgháir croidhe. An bhfuil a fhios agat nár bh'fhada an mhoill air siúd do cheann do chur ag itheadh na talmhan: tu do threascairt ar do bhéal is ar t'fhiaclaibh anuas air. Ag gabháil den dtalamh de ló agus d'oidhche: ghá shaothrughadh is ag baint tortha as. Ag siubhal cosnochtaithe in aimsir bhrothallach gheóbhadh duine dóghadh talamh: bheadh a bhuinn tinn garg uaidh. Ní tháinig sé ar an dtalamh fós bitheamhnach is mó 'ná é: níor saoghaluigheadh. "Do ghoir Dia don úir thirim talamh" (Gen. 1. 10). Is maith an chré thalmhan atá sa leirg sin: an úir chun tabhartha. Á, mhaise, is maith an chré thalmhan an fear san, mar is mór agus is fairsing a chroidhe: mianach: duine. Níl a mháighistir d'fhear ag siubhal na talmhan: lé fagháil in aon bhall. Chuirfeadh sé tríd an dtalamh síos thu lé náire: ghoinfeadh sé go mór duine. Níor cuireadh rann i dtalamh riamh ann: níor briseadh é: níor baineadh an rud a bhí ag fás ann. Fág fé an té a dhealbhuigh talamh é: Dia. Idir neamh is thalamh níl do leithéid: beó ná marbh. Ar thalamh na cruinne ní dhéanfainn éagcóir ort: agus aon rud d'fhagháil. Nuair bhí an stoirm fhíochmhar ag suathadh na luinge thabharfainn a raibh agam ar leathad mo bhonn den dtalamh glas do bheith agam: bheith in áit éigin i dtír. Bhíomair ag baint gur bhuaileamair talamh: síos go dtín gaoidhean. Deich n-acra talmhan atá agam: feirm. Is maith an talamh féir, prátaidhe, coirce, é: chun iad san do thabhairt. Talamh an Éisc. Is fairsing an leirg thalmhan atá aige: fagháltas mór. "Is leis an dTighearna an talamh agus a iomláine; an saoghal agus an méid a áitreabhas ann" (Sailm XXIV. 1): an reann go mairimíd air. "...an té atá ón dtalamh atá sé talmhaidhe, agus labhraidh sé neithe talmhaidhe; an té thig ó neamh atá sé os cionn cháich eile" (Eóin III. 31) .i. nách ó neamh ná ó ifreann. "Canaidh don Tighearna cantaic nuadh, canaidh don Tighearna, a thalamh uile" (Sailm XCVI. 1): daoine na cruinne. "Óir do dhéanfa sé cúnntas agus cuirfidh sé an aithgheárr é, maille ré comhthrom; óir is cunntas aithghearr do dhéanfa an tighearna ar an dtalamh" (Rómhánach IX. 28): an chruinne: na dúthaighe go léir. "Chun breitheamhnais do dhéanamh ar an ndilleachd agus ar an té fóiréigeantar, chor nách éigneóchaidh fear na talmhan ní budh mhó" (Sailm X. 18): daonaidhe. Chrithfeadh sé an talamh duit ag gluaiseacht do: fuadar is fothrom aige. Tá chúig phúint cíosa talmhan ar an dtigh: an áirighthe sin airgid sa mbliadhain ag dul ar an láthair. Léim sé ó thalmhan nuair chualaidh gur éaluigh a inghean liom: tháinig fionnach air chugham. Do léimfinn ó thalamh lé háthas dá gcloisinn a bhás: thiocfadh lúthgháir cheart orm. Bíonn sé ag léim ó thalamh nuair ná faigheann sé a chuid bídh go tráthamhail: bíonn fearg is buile air. Bhuail cloch thalmhan lé soc an chéachda: a bhí ceangailte sa ghaoidhean. Ní bheadh an tighearna talmhan cómh mursanta leis: duine go mbeadh mórchuid thalmhan aige is é ar cíos. Tá an galar ag dul i dtalamh ortha: ag fagháil greama go láidir. Chuaidh mo dhubhán i dtalamh

is bhriseas mo dharugha d'iarraidh a bheartha: cheangail sé thíos i ngruadh nó i rud éigin ar thóin puill. Óg-thalamh é sin: talamh ná bíonn i bhfad briste. Úr-thalamh a dheineann go maith i saosúr the: tlaamh tais. Dá bhfaighinn an talamh íseal aon uair amháin fém chois dhéanfainn breis dheabhaidh: réidh gan aon árdán. Talamh comhthromamhail seadh an baile seo, ní deacair é d'oibriughadh: ná fuil árd. Sean-thalamh cnuic: nár cuireadh lé fada riamh. Log thalmhan aige chómh maith is gheóbhfá in aon áit: adhbhar i dteannta a chéile. Is mór mar chuaidh sé chun deiridh ar an saoghal, tá a thón ar an dtalamh: tá sé claoidhte. Duine leachta anuas ar thalamh seadh é, ní bhíonn choidhche ina bhrághaid is ina bhéal ach é: é go mór ar a thóir. Is mór mar thuit sé chun téagair, tá sé leachta anuas ar fad ar an dtalamh: leathanuighthe amach. Chuadar ag brollaidheacht (cor, iomrascáil) is thug duine an talamh don nduine eile: leag sé é: chuir ar lár é. Coighcíos ar an bhfarraige nuair bhuail talamh leo: dúthaigh, tír.

talcanta: *a. n-dh.* láidir, foirtil, teann, báidhteach. Tonnaidheacha talcanta ag stialladh na bhfaillteach 'sag cur farraige cáithteach san aer: troma, móra, láidre. Gaoth thalcanta i gcoinnibh na luinge gur dheacair aon dul chun cinn do dhéanamh aice: teann, fíochmhar. Thugas buillidhe talcanta dho ach níor bhaineas aon bhogadh as: taithigeacha, acfuinneacha. Fear talcanta: láidir, teann, fuilngtheach.

talcantacht: *b.3.* neart, tinne, acfuinn, cómhacht, téagar. Talcantacht na talmhan gur deacair a rómhas ná a threabhadh: tinne. Ar an dtalcantacht atá sa bhfarraige baineann sí duadh de dhuine i gcómhnaidhe: a dheacracht bheith ag bruic léi. Cá ngeóbhad talcantacht an airm?: cad d'imtheóchadh ar a neart ná go dtabharfadh sé seasamh is buancas is gníomh uaidh.

talcuighim: *b.a.* brúghaim ar a chéile, fáiscim, cruadhaim. Thalcuigh an chré go ndeárna cloch di: chruadhaidh agus dhlúthuigh. Talcuightear aer ann lé séidteán: teannuightear.

talcuighthe: *a.r.* fáiscithe, brúighte, dlúithte, cruaidhte ar a chéile. Feóil thalcuighthe i stánaibh, ar díol sa siopaidhibh, sin a raibh lé fagháil le n-itheadh: brúighte, fáiscithe. A croidhe chómh talcuighthe sin ina choinnibh ná labharfadh sí leis: calcuighthe, cruaidhte: an ghráin tagtha aice air. Aer talcuighthe i gcoiridhibh móra: fáiscithe isteach.

thall: *d-bh.* ar an dtaobh eile de, thar, in achar ó, ar an saoghal eile, ina dhiadh so, fadó, sa deireadh, ar leathanach eile. Bac thu féin, a dhuine, is ná bac an fear thall: cách. Chaith sé fiche bliadhain thall: thar lear. Dá mbeinn thall agat thabharfainn cluaisín duit: it aice mar a bhfuilir annsan os mo choinne. "Tá sé go buadhartha thall aca", ars an fear nuair léigh sé ar an bpáipéar clampar do bheith ann: thar lear. Féach thall é: uait anonn: achar os do choinne. Gheibhim lá oibre thall 'sabhfus: annso agus annsúd: in áit indiu is in áit eile lá eile. Is deacair rogha do bhaint asta tá an diabhal ortha thall 'sabhfus: annso maidir lé háiteannaibh eile. "An saoghal ag breith cruaidh ar dhaoinibh in ár n-áit-ne" – "thall 'sabhfus é sin": is mar sin atá i ngach ball aca. Bíonn tuarastal maith aige, ach ina choinnibh sin thall airís bíonn costas trom air gach aon rud do cheannach. Thugamair faid gach nfhaid ag feitheamh leis, i ndeireadh thiar thall tháinig sé: tar éis tamaill mhóir fhada. Nár chualaís go dtí anois go raibh sé ar an dtaobh thall: sa tsíorraidheacht. Dá mbeinn ar an dtaobh thall d'abhainn ach is deacair é ag an dtuile: an taobh eile. Lastall

d'abhainn atá mo thigh: ar an dtaobh is sia uainn. Ar an dtaobh thall de pharróiste seadh chómhnuighid: an taobh atá tamall uait de. Is dall súil i gcúinne an duine thall: i dtigh duine iasachta ní bhíonn a fhios ag duine cad bhíonn ar siubhal ann. Sin é thall an tigh: ar an dtaobh eile uait. Dá gcuirinn an cnoc úd thall ar an gcnoc so abhfus ní shásóchadh sé é: an ceann atá tamall ó bhaile ar an gceann in aice. Féach ar an dtaobh thall den leathanach: ar a dhruim. Rugadh thall air, dá fhaid a bhí sé ag breith na gcos leis: sa deireadh.

talmhach: *a.* fagháltaiseach fé thalamh, bunuighthe, curtha fé. Dream mór-thalmhach do b'eadh muinntir Mhic Domhnaill thall annsúd, bhí leirgidhe móra aca go léir. Níl sé talmhach in ao'chor ann, ach tá airgead aige: gan pioc den úir aige. Níl san chómh furaiste san do threascairt, tá sé talmhach ar a chosaibh: daingean. An t-ancaire dulta ró-thalmhach, ní féidir ó bhogadh: ceangailte ar thóin puill. Carraig thalmhach, ní féidir í bhaint: síos ar fad sa ghaoidhean.

talmhaidhe: *a.* ag baint leis an saoghal so, saoghalta, daingean, teann. "Connus tá ár nduine?" – "go talmhaidhe sláinteamhail": daingean láidir, deacair a bhaint dá bhonnaibh. Bhí sé ró-thalmhaidhe dhom, ní fhéadfainn aon bhéic do bhaint as: ró-dhaingean ar an dtalamh. Rug sé isteach go talmhaidhe orm: go hacfuinneach, teann. Thabharfainn an leabhar breac nách éinne talmhaidhe a bhí ann an dtacaid sin d'oidhche: ón saoghal so. Nách dóigh leat ná go bhfuil sé beagán talmhaidhe duit in argóint: mós daingean duit.

talmhaidhe: *f.4.* saothruightheóir na talmhan, duine go mbíonn fagháltas talmhan aige. "Má dubhairt me neithe talmhaidhe ribh, agus nách gcreidtí cionnus chreidfidhe dá n-abra me neithe neamhdha ribh?" (Eoin III. 12): rudaidhe a bhaineas leis an saoghal go mairimíd ann. Talmhaidhthe maithe atá san áit dá mbeadh aca talamh gur bh'fhiú talamh do thabhairt air: saothruightheóiridhe cré.

talmhaidheacht: *b.3.* saothrughadh na talmhan; cur agus baint, do bhaint leis an dtalamh, daingneacht, tinne; "lámh". Talmhaidheacht ar fad atá 'na cheann, níl faic eile ag baint a mheabhrach de ach barraidhe is fás: saothrughadh: baint is cur. Ní mór an talmhaidheacht ag baint leis, b'fhearr leis ceól is rinnce ná lá oibre: saoghaltacht. Is iongtach an talmhaidheacht atá déanta agat agus an méid atá curtha lé n-a chéile agat ina ghiorracht aimsire: an gníomh: beart mhaith. Árd-thalmhaidheacht a dheinis, a leinbh, is an tigh do bhaint amach: árd-bheart. Ní fhéadfainn aon talmhaidheacht do dhéanamh air ag imirt chártaidhe: aon lámh, tá sé ró-mhaith dhom. Táim ag iascach ar loch ar feadh an lae gan aon talmhaidheacht do dhéanamh: gan breith ar puinn éisc: lámh bheag atá déanta agam. Budh dhiail an talmhaidheacht a dhein sé agus an triúr aca a shaoradh ó bháthadh is a dheacracht do é: beartaidheacht thapaidh, chliste.

talmhóg: *b.2.* pruaisneóg bheag sa talamh, scairt, tigh fé thalamh. Thíos i dtalmhóig a chómhnuigheadh sé, ní mór go raibh a seanntán os chionn na cré: púicín fé thalamh. Is cuimhin liom is me beag go bhfaightí talmhóga i móinfhéaraibh nuair bhídís dhá bhaint is go mbíodh lán ár gcaipínidhe de mhil againn: pruaisneóga beach.

talmhuighim: *b.a. & n-a.* tóchaim, déinim créacht, tochlaim, téighim i dtalamh. Ní thalmhóchaid choidhche ann, ní fhéadfadh is níor chóir go mbeadh an rath ortha, na canntalaidhthe: ní phréamhóchaidh ar an dtalamh. Thalmhóchadh na coinínidhe ann dá mbeadh an ball níos buige: gheóbhaidís a ngreim ann trí ropachaibh do dhéanamh ann. Ní thalmhóchaidh do gheallamhna choidhche: ní thiocfaidh a dtoradh.

taltuighim: *b.a.* cosnaim, clúduighim, foluighim, is ionmhuin agam. Ná taltuigh féd bhrat dailtín: ná foluigh duine deiliúsach a chlisfeadh ort ar iompódh an dísle: ná déin tacaidheacht ná cosaint do thabhairt do. Thaltuigh sé riamh faid mhair sé cuimhne a mhná.

támh: *a.* ciúin, socair, marbhánta, faon, leisceamhail. Nách támh an duine é go rabhas ag cnagadh ar an ndoras i bhfad 'si bhfad sarar éirigh sé chun a oscalta: marbhánta, righin. Nách támh a bhí sé ná músclóchadh sé dá mbeifí ag glaodhach go ceann seachtmhaine air: trom-chodlatach. Níl anam ná preab ann, cad a chuir an támh go léir air?: an mhairbheacht. Cuireann an iomad bídh támh ar dhuine: tagann mairbheacht is neamh-anamamhlacht air leis.

támhadh: *f.1.* laige, atharrughadh. Is é támhadh an bháis atá air chómh dearbhtha is táim annso: cuma is teacht: crot is deallramh.

tamaid: (**taimid**) *b.2.* tamaice, luid, blúire, giota. Níl tamaid den éadach ar do chnámhaibh: luid: giobal. Bíodh tamaid éigin chéille agat: adhbhairín beag. Níor fhág an t-ólachán tamaid air: chaith sé a raibh aige air. Níor fágadh tamaid aige, cuireadh ar dearg-bhuile é: aon raon céille. Éist nó labhair lé fuaimeant is fág tamaid éigin mheabhrach agam: ná bain mo chiall ar fad díom.

támhaighe: *b.4.* dúire, neamh-anamamhlacht, righne. An támhaighe atá orm indiu ag múchtacht na haimsire nách mór go bhfuil anam corruighthe ionam: mairbheacht. An támhaighe chéadna go deó, deó ná leigeann duit luach leathphingne do dhéanamh duit féin: an dúire. Is mór an támhaighe dho ná leigfeadh do leaba phrátaidhe do chur do féin: leisceamhlacht: neamh-phraitineamhlacht.

támáilte: *a. n-sh.* scáthmhar, maol. Duine ró-thámáilte i gcuideachtain atá ionat, ní osclair do bhéal in ao'chor, budh dhóigh lé duine gur eagla do bheadh ort: cúthail, iargcúlta: gan fonn tú féin do chur in iúil. Bhraitheas támáilte ar labhairt leis: ní raibh meisneach mo dhóthain agam: bhí cúlbhántacht orm roimis. An-thámáilte a bhí sé nuair chonnacthas do go raibh a fhios aige nár cheart do me d'éiteach: scáinteach ní raibh sé istigh leis féin. Bhínn an-thámáilte roim an máighistir nuair thagadh sé isteach ag baile againn: ciúin, gan chainnt: bhíodh miteachas orm. Thug sé súil thámáilte im threó, budh dhóigh leat uirthi go raibh náire uirthe: scáthmhar: neamh-dhána: faiteach. Siúd é an duine neamh-thámáilte má theastuigheann aon rud uaidh: dána: go leór, leór cainnte. Bhíos ró-thámáilte leó, sin é an fáth go rabhadar chómh dána liom: ró-bhog: níor chuireas me féin in iúil.

támáilteacht: *b.3.* scáthmhaireacht, scáinteacht, maoile, cúthaileacht, faiteacht. Nách uirthi atá an támáilteacht roim na buachaillidhibh, tagann luisne ina gruadh má fhéachann duine aca uirthi: cúthaileacht: náireach: gan aon dánaidheacht. Ná bíodh aon támáilteacht ort labhairt amach leo: ceal meisnigh: faiteacht. Bíonn breis támáilteachta orm amhrán do ghabháil os chómhair daoine deóranta ná beadh roim mo dhaoine féin: scáinteacht: cúlbhántacht.

tamall: *f.1.* eaga aimsire nó achair, seal, uain, speal, iasacht. Tabhair tamall dhom ar an rothar go dtástálad me féin: leig dom dul seal den slighe. Fuaireas tamall maith ar an gcapall, tá sé agat lé mí: iasacht. Bíodh tamall agat anois, táim-se cortha aige mar ghnóth: caith-se seal anois ag gabháil de. “An fada ataoi annso?” – “lé tamall”: eaga chuibheasach fhada. Ní rabhas istigh ach tamall beag nuair bhraitheas ortha go raibh eaga na fáilte caithte agam, daoine doichilleacha atá ionta: beagán aimsire. Níl aon droch-chroth ort, bainfir tamall fós de (an saoghal): mairfir seal maith eile fós. Bainfir tamall as na brógaibh sin: seasóchaidh siad eaga eile aimsire leat. Bhaineas mo thamall as an saoghal, níl aon éad orm lé neach atá ag baint aoibhneasa as: bhí mo lá agam. An tamall a chaitheas-sa ann níor bh’fhiú é d’áireamh: an méid aimsire ná raibh fada. Ní mharbhóchadh tamall oibre éinne: eaga ná beadh ró-fhada. Bíodh an tamall so agat ach bíodh deireadh agat: an seal so leat: an fhaid a chaithis leis nó air. “Connus tá ag do shean-bhean?” – “tamall go maith is tamall go holc”: ann as. Thugas tamall maith thu: d’iomcharas nó thugas marcaidheacht. Thug sí tamall do: thug do í d’aithint, do chumaisc. Chuadhas tamall den bhóthar ghá thionnlacan: cuid de. I gcionn tamaill raghad in aonfheacht leat, nílim réidh fós: nuair bheidh suim aimsire ná beidh ró-fhada imthighthe. D’fhanas ann ar feadh tamaill ach d’fhágas annsan é mar nár thaithin liom: speal aimsire. Is geairrid é do thamall (ar an saoghal) ar an gcrot mí-lítheach atá ort: ní fada mhairfir. Tamall dá shaoghal budh mhaith agus b’acfuinneach an fear é chun dulta i bhfeighil a bhearta: tráth: uair amháin. An tamall san a thugas thar lear ná tairng chugham é: an seal áirighthe aimsire. Tabharfad tamall dem chapall duit: a iasacht chun oibre. Ní mór an tamall a bhí idir theacht na beirte: ní mór ná gur in aonfheacht do thángadar. Ní mór an tamall a bhí idir é féin agus a bhean: fuaireadar bás i ngiorracht aimsire dá chéile. Airgead ar tamall é seo, caithfear é d’fhilleadh: ar iasacht. As thamall de lá fuaireas deich scillinge tuarastail: as sheal de ag obair. Tamall thall is tamall abhfus agam: ag dul ó áit go háit. Tamall chun sosa é seo: seal. Tá sé marbh lé tamall: ádhbhar aimsire. Thugas tamall air: ag gabháil de: ag obair air. Annsan dheineamair tamall rinnce: greas nó greasa. Tá tamall maith ó Áth Cliath go Corcaigh: achar fada. Raghad tamall thar do cheann má táir cortha: déanfad uanaidheacht ort. Dá mbeinn tamaillín eile bheadh sé caillte: seal beag déidheannach. Dá mbeinn tamaillín eile ní bhuailfeá liom: chun cinn nó níos luaithe. An bhliadhain a báthadh an bád, is tá tamall ó shoin: cuid mhaith aimsire. Raghfá tamall sara bhfaghfá a leithéid eile: shiubhlófá achar. Raghaidh an imirt tamall eile: beidh a thuilleadh aimsire thart sara dtárlóchaidh sí. Tamall isteach sa bhliadhain dob eadh é: tímcheall a láir nó mar sin. “Tabhair dom an leabhar san lé léigheamh” – “beir tamall (breágh) dá cheal” .i. ní bhfaghair in ao’chor é. Raghad tamall siar anois: tráchtfad ar nidhthibh a thárlaidh fadó. Tá an chladhaireacht tamall maith isteach ann: go doimhin: is deacair í do thabhairt fé ndeara ann. Téanam, beidh tamall againn air, fear ceart seóidh é: babhta grinn. Is amhlaidh mar tá agam go mbíonn a thamall féin ges gach éinne orm: baineann siad go léir obair asam, ní bíd ag gabháil díom.

támhán: *f.1.* claonadh lé codladh, néall. Ní raibh ann a shúile do chongbháil oscailte bhí an oiread san támháin air: srúmatáil chodlata. “Is mór an támhán é”, lé duine a bhíos ag tuiteam dá chodladh is nách féidir do chongbháil ina cheart-dhúiseacht.

támhánach: *a.* mall, neamh-anamamhail, marbhánta. Bíonn sé ag cur de go breágh, támhánach, gan mairg sa tsaoghal air: neamh-phraitineamhail. Beireann sé an saoghal go támhánach leis má bheireann éinne, ní furaiste preab do bhaint as: réidh, neamhspéiseamhail.

tamhanda: *a. n-dh.* aosta. Cé shéanfadh ná gur thamhanda na daoine ár sinnsear nuair mhaireadh chuid aca suas lé, agus breis agus céad: seanda.

tamhandacht: (**tamhandaidheacht**) *b.3.* sean-aois. Na cnámha ag teip is ag stangadh leis an dtamhandacht: truimeacht is neamhphraithineamhlacht na sean-aoise.

tamhantar: *f.1.* lab, aonnidh toirteamhail gur bh’fhiú bheith maoidhteach nó mórdhálach as, duais. “Níl aon bhaoghal ná gur thugais tamhantar chúgham” (cámas), lé rud nár bh’fhiú do bhronnadh. “Maran b’é an tamhantar agat é”, lé rud go mbeifí maoidhteach as nó go mbeadh lúibistigh ann is nár bh’fhiú é. “Is mór an tamhantar í go deimhin”, lé cámas ar dhuine go mbeadh maoidheamh is moladh mór aiste.

tamhantarach: *a.* luachmhar, suaithinseach. Aon rud a bhíos aige rud tamhantarach é: bíonn sé chómh maoidhteach as is dá mb’fhiú san é. An blúirín tobac a bhí aige, ní raibh toirt cinn do mhéire ann agus é chómh tamhantarach as: oiread measa aige air. Is tú thug chugham go tamhantrach é (leamhas): go móirmheid.

tamhas: *f.1.* fuath, taidhbhse. A thamhas ná a thuairisc ní bhfuaireas in aon áit dár loirgeas: a rian ná cunntas air. An rud atá uait, níl a thamhas sa tigh ná is fada go raibh: luid de: a chómharthaidhe sóirt. Níl a thamhas lé fagháil in aon áit: ar iarraidh. Do thamhas ní bhfaighinn in aon bhall: duine mar thu.

tamhasc: *f.1.* cáil, clú, tuairisc, cúnntas. Níl do thamhasc lé fagháil fé chreasaibh Éireann: duine ded chlódh nó cáil. An bhfuil aon tamhasc agat air? nó ar chualaís aon rud ina thaobh?: tuairisc. Chaith sé bliadhain i gcrioslach na dúthaighe féin ar lorg a thuairisce: d’fhéachaint an bhfaigheadh sé aon fháisnéis ina thaobh. Ní bheadh formad léd thamhasc ameasc na ndaoine: léd cháil.

támhghail: *b.3.* mairbheacht, smúráil, righneas, leisceamhlacht, neamhshuim. Tháinig támhghail chodlata orm ar shuidhe ar thaobh an bhóthair dom, bhíodh mo shúile ag iadhamh dem aindeóin: srúmatáil. Támhghail éigin an aimsir seo orm, ní bhfaighim ionam féin múscailt i gceart in ao’chor: mairbheacht cnámh is chuirp. An saoghal mór ní dhúiseóchadh é nuair thagann támhghail chodlata air: codladh righin trom: nuair bhíonn ina charn codlata. Támhghail na ndaoine cúis ceal mórán rud do bheith ortha lé linn na broide seo, mar dá gcuiridís rómpa in am thráth é do bheadh soláthar déanta aca: neamhshuim is ceal féachta rómpa.

tanaidhe: *a.* lom, caol, seang, fánach, gan reimheadas, éadoimin, báidhteach, éadtrom. Bhraithfeá an t-aer an-thanaidhe ar bharr chnuic Bhréanainn: éadtrom. "Agus féach, thángadar seacht ndiasa tanaidhe caola ar na gcaochadh ón ngaoith anoir aníos 'na ndiaidh" (Gen. XLI. 6): gan puinn gráine. "Agus na seacht mba tanaidhe gránda tháinic aníos 'na ndiaidh is seacht mbliadhna iad, etc." (Gen XLI. 27): bocht, seirgthe. Tá droch-aimsir air, féach an spéir thanaidhe sin thiar ort: scáthánach: ar nós na gloine. Seachain thu féin ar an sciain sin, tá faobhar an-thanaidhe uirthi, tá sí ar nós na rásúrach: géar, líomhtha. Fantar amach ón dtalamh san, uisce tanaidhe atá ann, níl sé thar trí feádha ar aoirde: éadoimhin: éadtrom: scairbheach. An taobh tanaidhe den ndínc: an taobh ná bíonn reamhar. Uisce tanaidhe atá sa pholl san: níl mórán aoirde ann. Ní mór den luibh a cuireadh ar an dté seo, tá sé an-thanaidhe: caol: uiscealach. Ní mór an suiméar atá sa leann dubh indiu, tá sé an-thanaidhe: caol: ar éadtromacht is reathacht an uisce. Gob tanaidhe amach ar an snáthaid, etc., rinn, pus ná fuil reamhar: caol. Is tanaidhe atá sé thar éis na breóidhteachta: lom: gan faic ar na cnámhaibh aige. Coirce tanaidhe, ní mór an phunann a bheidh air: fánach, gan bheith tiugh. Béal ró-thanaidhe uirthi, laiteann sé í: a beóla gan bheith taithigeach. Budh thanaidhe liom mar ainmhidhthe iad thar éis an gheimhridh: gan puinn feóla in ao'chor ortha. Éadach ró-thanaidhe do chaitheamh geimhridh atá ort: gan bheith reamhar ná taithigeach go leór chun cosanta an fhuachta do bheith ann. Tá an ghruaig tanaidhe ar mhullach a chinn: fánach: ruibe annso is ruibe annsúd. Is fearr a réidhtigheann feóil thanaidhe liom ná feóil shaille: an chuid di ná bíonn méitheas innte. Talamh tanaidhe an gort san, ní maith a thabharfadh sé aonnidh: gan puinn fóid nó croicinn. Níl aon fhuilng fuachta aice, tá sí chómh tanaidhe lé billeóig eidhneáin: níl aon tathnag innte: gan feóil ar an gcnámh aice. "Is a béal tanaidhe ar shnuadh-ghnaoi an róis": gleóidhte, miochair. Gearraidh an t-arán tanaidhe, cad b'áil leat dos na geanncachaibh: ná bíodh na slisneóga reamhar ná trom. Amhránaidhe gleóidhte seadh í, aon lucht amháin atá uirthi go bhfuil guth thanaidhe aice: gan tathnag, neart, láine. Níl ach screamh thanaidhe ar an mbullóig, is fada ó bheith bácálta í: éadtrom: lag. An-thanaidhe a cuireadh aoileach ar an ngort: éadtrom: ladhar annso is annsúd.

tanaidheacht: *b.3.* éadtromacht, ceal reimheadais, caoile, boichte, luime, ceal tathnaig, éadoimhneas. Cé ólfadh an té sin agus a thanaidheacht atá sé: gan tathnag ann: brigh ná saidhbhreas. A thanaidheacht agus tá sé, an bhfuil sé droch-shláinteach: lom, gan feóil ná fuil ann. Chuaidh an abha i dtanaidheacht lé tamall, d'fhéadfá dul treasna de chosaibh tiorma anois: d'ísligh an t-uisce innte. Buailfidh an bád ann lé n-a thanaidheacht: ceal doimhneas uisce. An itheann tú aon rud? táir ag dul i dtanaidheacht go mór: luime: an fheóil ag imtheacht des na cnámhaibh agat ar fad. B'ait leat ag cainnt é d'fhear, lé tanaidheacht a ghlóir: caoile: gan tathnag. Deireadh sé go gcuireadh tanaidheacht an aoir ar mhullach an chnuic mearbhall cinn air: éadtromacht is géire. Lé tanaidheacht an tsíl níor fhás an barra tiugh: fánaidheacht. Is furaiste an páipéar san do stracadh lé n-a thanaidheacht: ceal reimheadais. Cuireadh isteach na beithigh ón sín lé n-a dtanaidheacht: a luime: gan feóil is croiceann a ndóthain do bheith ortha chun fuilng do thabhairt dóibh.

tánaiste: *f.4.* an rud is giorra dho, an rogha is giorra dho; ar aiste bheith i mbuille le rud etc. "Táim chómh maith leis gach aon phioc nó b'fhéidir níos fearr ná é" – "nílir ná in aon tánaiste dho": ní hionchosamhail in ao'chor ar fheabhas thu. Tá an t-arm i dtánaiste

dho bheith tugtha: buailte le bheith tnáidhte. Níor bhuaileas é, ach chuadhas i dtánaiste dho: ní raibh ach a rádh nár dheineas. Ní raibh aon tsúil ar feadh seachtmhaine go dtiocfainn, bhíos i dtánaiste an anama: i mbéal bháis. Má tá míle púnt aige sé a thánaiste é: an chuid is giorra dho, níl a thuilleadh. Déarfainn go mbeadh sé i dtánaiste dho ar gach cuma: chómh maith leis ar gach slighe. Is é tánaiste an righe (taoisigh, etc.): an té is giorra dá theideal etc. ar uain áirighthe, lé linn a bháis, etc.: oidhre flatha, etc. Do n-a dathad is tánaiste é is ní do dheich is dathad: is giorra. Is me i dtánaiste dho a bheith agam cuireadh cosc liom: é agam nách mór. Bhíodar i dtánaiste an anama do chailleamhaint, bhí an oiread san anachan ortha: chuadar i ngiorracht poinnte an bhioráin do.

tánaiste: *a.* bheith i ngiorracht do, i mbuille lé, nách mór. An uair a saoghaluigheadh thu bhíos in aois thánaiste dhá cómharthaidhe dhuit go bhfuilim i bhfad níos sine 'ná thu: sa déagaibh. An mhéar thánaiste: an ceann is sia: an mhéar mheádhon, - láir. Mise an mac tánaiste ar an gclainn, bhí duine eile rómham: an dara mac. Táir tánaiste do i lúth, níl puinn aige ort: nách mór comhthrom leis.

tánaisteach: *a.* i mbuille lé, ar an dara, réimeach, céimeach. Is tánaistighe tusa go mór leis 'ná éinne eile: is tú is giorra dho: is aoirde, is mó chun cinn. Tá sé tánaisteach, dar leis, ar an gcontae: cuireann sé roimis a rogha rud do dhéanamh: réim an domhain fé. É chómh tánaisteach sa tigh agam lé fear an tighe: oiread órduighthe is cómhachta aige. Ró-fhada dos na diabhail go tánaisteach orainn: go mursanta.

tánaisteacht: *b.3.* ar aiste bheith ar an dara céim is aoirde; i bhfíor-ghiorracht do, córas dlighthe lé n-a dtoghtaí duine as an dtreibh lé beith ina thaoiseach ortha. Liam atá i dtánaisteacht dómh-sa: is é is giorra. Mise atá i dtánaisteacht an tighe seo, dá n-éirigheadh aon rud dom athair budh liom-sa é: mise gur leis an oidhreacht. Cé tá i dtánaisteacht na luinge, tá a fhios agam cé hé an captaen: an té is giorra teideal do. Níl aon tánaisteacht sa tigh agam: buannacht.

tanughadh: *f.* (*-uighthe*) do chaolughadh, d'fhánughadh, do shingliughadh, do lagughadh (deoch), do lomadh, d'éadtromughadh, do dhí-thathnagughadh. Ag tanughadh theornapaidhe is ghá nglanadh: iad d'fhánughadh lé cuid aca do tharrac as a bpréachaibh. Táir ag tanughadh, an amhlaidh atá itheadh an bhídh caillte agat?: ag dul i luime. Tiormóchaidh sé sara fada tá an bháisteach ag tanughadh: ag fánughadh: níl sí ag tuiteam chómh trom agus bhí. Chun a thanuighthe a chaitheann sé a luighead bídh: go seangóchadh, gcaolóchadh sé. Ar maidin anois bhí scata mór bád ag iascach ar an mbannc san, ach táid ag tanughadh: cuid aca ag imtheacht as. An ghruaig ag tanughadh ar a phlaosc, is gearr bheidh aon ruibe air: fánughadh: í ag imtheacht de ina ruibe is ina ruibe. Ná bí ag tanughadh an bhainne sin lé n-a thuilleadh uisce do chur ann: ghá lagughadh. Tá stoc ag tanughadh ó bheith amuigh fé anacair is fhuacht an gheimhridh: ag lomadh, ag dul as. Dá aoirde anáirde ar an gcnoc do raghadh duine is ag tanughadh bhíonn an t-aer: ag dul in éadromacht. An bhfuil do phóca ag tanughadh?: ag laghdughadh. Deineadh tanughadh mór ar an arm i rith an chatha: marbhuigheadh nó gonadh cuid mhór de. An bhfuil aon tanughadh ar an mbáistigh?: scaipeadh. Ná bí ag tanughadh an bhúird sin, tá sé laitithe agat: ghá shnoighe. Aon tanughadh ní dheaghaidh ort, táir chómh reamhar curanta is bhís.

tanuighim: *b.a. & n-a.* lomaim, téighim i luime, éadtromuighim, dí-bhrighim, seanguighim, báidhim, snoighim, fánuighim, deascaim. Ná tanuigh a thuilleadh an clár san leis an bplána, tá sé lag a dhóthain cheana: ná snoigh: ná bain tuilleadh scúghachán de. Siubhail leat go dtanóchaidh an choill ort: go dtaidhbhseóchaidh na crainn níos sia ó chéile. Ní thanóchad choidhche, tá eagla orm dá luighead biadh d'ithim: ní chaolóchad, seangóchad, éadtromóchad. Tanóchaidh an t-arm breis sara ngéillfid: marbhófar cuid mhór, mhaith dhíobh, raghaidh a líon a luighead go mór. Tanuigh na teornapaidhe, táid ró-thiugh ar a chéile: bain cuid díobh: fánuigh iad. Ní thanóchaidh an bháisteach so indiu, féach ar an mbrúin atá thiar aige: ní raghaidh scaipeadh uirthi: ní éadtromóchaidh sí. Thanuighis an té seo gur deinis eanglais di: laguighis lé huisce í. Tanuigh ar do láimh, táir ró-rabairneach: caoluigh: ná tabhair an oiread léi. Ní thanóchaidh sé choidhche dhuit, tá sé ró-reamhar, ró-chruaidh: ní chaolóchaidh: ní imtheóchaidh an reimheadas as. Thanuigh do cheann mórán lé déidheannaighe: d'imthigh cuid mhaith den ngruaig de.

tanuighthe: *b.a.* caoluighthe, fánuighthe, díscighthe, éadtromuighthe, seirgthe, lomtha, báidhte. Níl aon bhaoghal má dhéanfadh uisce é ná go bhfuil an té seo tanuighthe go maith agat: dí-bhrighthe: báidhte; laguighthe. An bhfeacaís éinne a bhí chómh téagartha leis, tanuighthe mar tá, níl ach a rádh go bhfuil a dheilbh san éadach: caoluighthe: dulta i luime. Beidh an dola so i bhfad ró-lag, tá sé ró-thanuighthe agat: an iomad adhmaid snoighte dhe. Dá mbeadh na teornapaidhe tanuighthe, d'fhásfaidís níos fearr, bheadh breis ghaoithe aca: fánuighthe: cuid aca bainte. Tá do cheann tanuighthe ar fad: an ghruaig imthighthe dhe. Thugas fé ndeara go raibh an ceanntar tanuighthe d'ainmhidhthibh, mar a mbíodh tréad ní fheaca ach foth-cheann: díscighthe. Mara bhfuil an parróiste tanuighthe go maith ag an mbacach so lé seachtmhain ní gan a dhícheall do dhéanamh é: cuarduighthe is pé rud a bhí uaidh fachta aige. Nách dóigh libh ná go bhfuil mo phóca tanuighthe go maith agaibh agus a fhaid atáthaoi ag brath air: snoighte: caithte: seanguighthe: bainte as.

taobh: *f. & b. 2. & 3.* cliathán, faobhar, leitheadach, faid, leas, luan, colbha, leaca; treó, ceanntar; complacht, tuairm; iontaoibh, muinghin. Níor luigh fear lé n-a taoibh riamh: cliathán. Suidh lém thaoibh annso: im aice. Lé taobh (taoibh) an ghleanna suas tógadh fál mór: ar fhaobhar ar fad. Cómhnuighimíd le taoibh na mara: sínte suas léi. Thána gan éinne lém thaoibh: im fhochair: im chuideachtain. Bheadh fear agat is é siúd do bheith léd thaoibh: ag teanntughadh leat. Fuaireas marbh le taobh na habhann é: buailte léi. An bhfuilir lé taobh do thabhairt liom: do chóngamh. Táim taobh lé cupa amháin té sa ló anois ó cuireadh ar an mír sinn: sin a mbíonn agam. Bhí taobh lé n-a bhfuil agat anois, sin a bhfaghair, mair air nó faigh bás air: bí ag brath air: déin leis. Bhain sé dhíom an t-aon bhóidhín is mé i dtaobh léi: gan agam ach í. An dtabharfá taobh leis? ní thabharfainn-se, is minic cheana do chlis seisean ar dhuine: an raghfá ar a iontaoibh? Ní bheinn id choinnibh ina thaobh-san, ní locht ort do chuid féin do phléidhe: mar gheall air. Sé atá id thaobh-sa agam srón gheárrtha: ar do shoin: toisc thusa. I dtaobh a mháthar, an gaol a bhí aca léi, gur bhronnadar air é: toisc ise. Is deacair taobh do thabhairt leis na mnáibh, táid cealgach: iontaoibh do bheith asta. Fág taobh liom-sa é: im aice, nó fág fúm-sa é. Bí taobh linn ar eagla go dteastófá uainn, is nár ghábhadh dhúinn bheith ag glaodhach ort: ná bí ró-fhada uainn. Bíonn dhá thaobh ar gach aon duilleabhar: níl aon chúrsa ná gur féidir

rud do rádh ina fhabhar is ina choinnibh. Sé Tadhg an Dá Thaoibh i gceart é; leat-sa léd bhéal, liom-sa lém bhéal: é d'iarraidh an dá thrágha do bhreith leis. Is amhlaidh mar tá aige, an taobh sleamhain amach is an taobh cam isteach: go lághach, mílis, miochair ina chómhrádh is ina chroidhe go ngearrfadh do scórnach. Nách é an fear san an taobh eile díom, a rádh ná beinn báidheamhail leis: gaol ó athair nó ó mháthair. Ní haon mhaith bheith ag áiteamh na fírinne ort, bíodh do thaobh féin agus beidh mo thaobh féin agam-sa: do thuairm ar an gcúrsa, etc. Is é taobh go ndubhart leat éisteacht, do bhí duine láithreach a bhí ag faire ar gach focal a sceinn uait: an fáth. Tairngidh ó chéile scéal an chogaidh, níl aon taobh agam-sa: nílim báidheamhail d'aon dream atá i dtreis. Pé taobh go bhfuilir air labhair an fhírinne: péaca den ndream atá i dtreis go bhfuilir ag tacaidheacht leis. Ina chodladh shuain ar thaobh na gréine go breágh dho féin: an treó dhe go mbíonn sí ag lonnradh air. Is gnáthach cheithre taoibheanna (taobhacha) ar bhosca: cliatháin. Níl aon fhuinneóg ar an dtaobh thuaidh den dtigh: an chuid de atá sa treó san. Bhuail taobh a chinn ar an bhfalla: in áit go bhfuil ceachtar cluas leis. An taobh eile den seómra: an leath nó an roinnt de as do choinne. An taobh deas agus an taobh tuathail den éadach: an cliathán de a tabharfaí amach agus an ceann a tabharfaí isteach. Cad n-a thaobh nár tháinighis, mar gheallais?: cad é an fáth nó an bun a bhí agat leis? Seo freagra leamhais a tugtar ar, "cad n-a thaobh?" – "mar tá dhá thaobh ar an rí, taobh geal is taobh buidhe": lé féachaint air tá sé so-amhairc, tá a mhalairt sin ina chroidhe aige. Tháinig tinneas gránda im thaobh clé: an chuid den gcorp ó íochtar na n-asnaidheach go dtín cromán agus ón gcnámh droma go dtín bolg. Ná seasófá lé taoibh dhuine: ní laistiar de ná roimis amach. Tháinig scoilt i dtaobh den gcupán: an chuid cuar de ná baineann leis an mbéal nó tóin. Budh ghreanta leat an dá bhád líomhtha ag gluaiseacht taobh ar thaobh: fé lántseól: in aice a chéile. Iad taobh ar thaobh is beól ar bheól: i ndlúth-chómhgar a chéile. Caithfead bheith aireach, tá mo namhada ar gach taobh díom: im thímcheall ar fad. Urchair ag teacht ar gach taobh díom: ar gach treó. Cuirimís an cheist sin ar leathtaoibh go fóill go réidhtigheam an chuid eile: uainn: ná bacaimís léi. Bhí duine againn ar gach taobh den abhainn: lé n-a faobhar. Ar an dtaobh abhfus uaidh sin den sráid atá mo thigh-se: an tsráid eadrainn mar theórain. Shíneas ar thaobh an chnuic ag amharc na mara uaim: leaca: cliathán. Féach ar an dtaobh eile den scéal, má tá airgead mór dhá thuilleamh aige tá costas mór air: an chuid de a mheádhas in aghaidh an tuillimh. Dubharthas leis an cúrsa do scrúdughadh ó gach taobh: gach aon chuma go dtaidhbhseóchadh sé do dhuine. Féach ar an dtaobh geal de gach nidh: machtnuigh ar an saoghal do bheith níos fearr agat. Mar a chéile leis gach taobh aca, deir sé go bhfuilid go léir cam: complacht (poilitidheachta). Ar thaobh mo mháthar atá an gaol agam leó: ó n-a treibh. Níl treóraidhe maith ag aon taobh aca: complacht. Buailfear a bhéal fén ualach, tá taobh air: leathcheann: claonadh. Tá taobh dúthaighe ar fad aige ann: cuid mhór thalmhan. D'íosfaidís taobh muice i seachtmhain, tá an oiread san ann aca, bail ó Dhia ortha: cliathán ó n-a muineál go dtí n-a deireadh. Níor fhág sé mo thaobh ó mhaidean: ghom leanamhaint pé áit ina ngaibhinn. Fan ar thaobh na gaoithe dhe: fan glan air: ná leig do teacht ort go bhféadfadh sé an bob do bhualadh ort. Tigh deas, cluthair ag Séadna ar thaobh na fothana den gcnoc: an cliathán de ná bíodh an ghaoth ag bualadh air. Bíodh an taobh amuigh agat!: scrios as an dtigh! Bíodh an taobh istigh anocht agat, ach is í an oidhche dhéidheannach agat í: cead bheith istigh ó spéir na hoidhhe. Mo thuairm ná fuil sé thar dathad bliadhain; bliadhain is dathad an taobh amuigh de: ar a mhéid. Tair ar an dtaobh istigh díom: idir me agus an falla: níos sia ó áth áite, etc. Fuair sé aoidheacht seachtmhaine uaim agus ar an dtaobh

amuigh de sin, fo-scilling lé caitheamh: ina theannta san. Fuaireas culaith éadaigh uatha as mo sclábhaidheacht, taobh amuigh de sin ní bhfuaireas faic: tharais sin. Beidh sé annso i dtaobh istigh d'uair an chluig: fé bhun na haimsire sin. Fan taobh thiar díom: ar mo chúl. Taobh amuigh den dtigh do fágadh thar oidhche é: ar bhrághaid an tighe: cliathán na síne des na fallaidhibh. Taobh thoir d'Éirinn atá Sasana: sa treó san. Cuireadh an iomad seóil ar an mbád, bhí sí ró-mhór ar a taobh sa bhfarraige: leathcheann uirthe: leagadh aice. Is maith is eól dos na cladhairidhibh cad is maith leó do thabhairt dom, an taobh cruaidh den leabaidh is an chuid is caoile den mbeatha: droch-áit chun luighte is gannchur bídh. Bíodh do rogha agat, is cuma liom-sa, ní fearr taobh den gcrann ná an taobh eile: oireann aon cheann aca domsa. D'árduigh an madra taobh den mbullóig ina bhéal leis is gan aon iongadh tríd air. As thaobh éigin eile (seachas an áit seo) an duine seo, ní fuláir, níl aon aithne agam air: áit éigin iasachta: nách deóraidhe é? Tháinig árd-dhream daoine as thaobh a mháthar súd: a treabh. Bhainfeadh sé deóir as thaobh carraige: an-thruaighmhéileach é. Bainfead-sa as do thaobh fós é dá dtéigheadh leat céad bliadhain: beidh sásamh is cúiteamh agam. An ag éirghe as a thaobh ataoi? mar má seadh níl aon eagal agam-sa roim bheirt agaibh: ag déanamh tacaidheachta leis. Níos túisce ná bheadh súd in iongais an ruda a bheadh uaidh, bheadh sé aige as thaobh éigin, anoir nó aniar: gheóbhadh nó bhainfeadh amach é. An méid atá agam bhaineas as mo thaoibheannaibh é: thuilleas go cruaidh é. As thaobh go bhfeaca sé ann seadh tháinig droch-amhras aige ort: toisc: mar gheall air. Níl aon taobh agam leis ach oiread lé héinne: níl aon léidhe agam leis: báidh. An taobh go rabhais ann in ao'chor, sin é cúis atá aige ort: an fáth. Bíonn crochadán an chluig ag gluaiseacht ó thaobh taobh: sall agus anall. Buailimis dhá thaobh an scéil ar a chéile: socruighimis ar a cheart do thabhairt do gach duine. Dheineadar an oiread san gleóidh is fothroim gur shaoileas go mbuailfidís dhá thaobh an tighe ar a chéile: go leagfaidís anuas i mullach an chinn ar na daoinibh é. Im throscadh ó mhaidean, tá mo dhá thaobh buailte ar a chéile: bolg lán-fhollamh agam. Is mór mar chuaidh sé chun deiridh, tá a dhá thaobh buailte ar a chéile: é seirgthe, tairngthe, suaidhte. Gach maircréal aca is an taobh as ag madraidhibh éisc: greim mór. Bead-sa taobh thiar díot in aon rud a chuirfir rómhat: chun tacaidheacht do dhéanamh leat. Mara mbeadh a dhóthain airgid bheith taobh thiar de, ní bheadh sé chómh teann ag cainnt: aige chun tarrac air. "Cad n-a thaobh gur stracais an leabhar san?" – "níl aon taobh": aon fháth. "Cad é an taobh go ndéanfadh sé é sin anois?" – "gach aon taobh": is iomdha san fáth atá aige leis. Tá an cúrsa an-dhorcha ar Shasana anois i dtaobh na Rúise: ní fheadair sí cad is ceart di do thuigsint toisc anacraighe scéil aice. "Céaca Béarla nó Gaedhealaing agaibh dhá labhairt lé chéile?" – "an dá thaobh": iad araon. Téighir i dtaobh éigin eile léd chuid éithigh, ní chreideann éinne annso thu: i mball éigin eile. I dtaobh Sheáin de, níl sé leath chómh maith lé Séamas: maidir leis: is amhlaidh mar tá aige. Fuair sé uaim é ar a dhá thaobh is ar a bholg (bualadh, aighneas, etc.): fuair sé a leór-dhóthain. Is é an díomhaointeas an taobh eile tímcheall den obair: a mhalairt ar fad. Bítear ag tromaidheacht orm taobh thiar díom: nuair ná bím láithreach. Sin é do thaobh-sa dhe: do chuid-se den scéal. Bhuail sé tharais i dtaobh éigin ná feadair sé: in áit éigin. Ná bí ag cainnt, ghoidfeadh sé ód thaoibh: dá ngiorracht do bheadh sé dhuit. Tá gaol agam leis ó thaobh na dtaobhann: óm athair is óm mháthair. San imirt seo ní bhíonn acht ceathrar ón dtaobh: ceathrar ar cheathrar i gcoinnibh a chéile. Thóg an bás óm thaobh í, fairír: sciob uaim gan truagh. Tháinig sé orm ón dtaobh theas: ar an dtreo san. Táim ghá shuathadh ó thaobh taobh ag an dtrucaill: caithtear sall agus anall me. Chuirfinn an scian ó thaobh taobh id chroidhe lé gráin ort:

tríd ar fad. An t-aindeis ag tabhairt dhá thaoibh an bhóthair isteach lé laige agus ocras: ní fhéadfadh sé siubhal díreach. Ná bí d'iarraidh an dá thaoibh do bhreith leat, níor thug éinne riamh is ní bhéarfaidh choidhche: bheith liom leat. Téigheann sé trím thaobh bheith ag éisteacht leat ag tromaidheacht ar bhochtaibh: goilleann sé orm go mór. Ní i dtaobh me féin ghá rádh é, ach ní bheadh aon fhaitchíos orm roimis: ní toisc, mar gheall air. Bheadh croiceann na caorach ar rud ach ina thaobh san agus uile b'fhéidir nár chaora é: dá aimhdeóin sin. Ná tabhair taobh lé fear falaidh: ná cuir iontaoibh ann. Ó thaobh Chorcaighe seadh iad: ón gceanntar san. Bíonn cluas ar an gcoill is dhá thaobh ar an gclaidhe: níor bh'eól duit cá mbeadh duine i bhfolach ag éisteacht. "Ann san do sheas Maoise i ngeata an fhoslongphuirt agus adubhairt, cia tá do thaoibh an Tighearna tigeadh sé chugham-sa" (Ecs. XXXII. 26): leis. Má bhíonn an taobh thall ag lucht an tsaidhbhris chómh maith agus tá an taobh so, beidh subháilceas aca: an saoghal eile agus an saoghal so.

taobh-: *i gcfbh.* i gcliathán. Sléibhte taobh-áilne Dhún Chaoin: leicne breághtha ortha. An fhaill sin taobh-árd go maith: í seasuightheach, géar. I gceann dhá mhíle nó mar sin buailfidh taobh-bhóthar leat agus iompuigh síos ann: ceann ag imtheacht ón mbóthar rianta. Iasc taobh-bhuidhe: cliatháin bhuidhthe aige. An bád taobh-bhriste go maith i ndiaidh na farraige: a cliatháin brúighte. Taobh-bhrúigheadh go mór me ag imirt eatartha istigh: goirtigheadh mo chliatháin. Oileán taobh-chorr atá ann, níl poinnte ná rinn air: cómh-chruinn. An t-arán so taobh-bhog a dhóthain fós ní mór do a thuilleadh den dteine: tímcheall a fhaobhair. An t-oileán taobh-dhorcha ón gcliathán thuaidh de: ní bhuaileann an ghrian é. Tigh taobh-dhaingean ná fuil beann ar aon tsín aige: fallaidhe láidre fé. Ná bíodh aon taobh-fhéachaint agat orm-sa, is maith atá a fhios agat cad é an dath atá orm: liathshúil: stracfhéachaint. An parróiste breágh taobh-fhairsing atá agaibh thiar annsúd cois mara: cliathán mór talmhan ann. Treabhadh na taobh-fhóid ró-dhoimhin: an fód a hiompuightear isteach lé céachda. In aice gach dorais den sean-teampall do tógadh blúire de thaobh-fhalla chun a neartuighthe: falla leis an bpríomh-fhalla. Pé táilliúir a dhein do chasóg níor fhág sé easbhaidh éadaigh uirthe, d'fhág sé taobh-fhlúirseach a dóthain d'fhathach í: go leór leór éadaigh ina leithead is faid a cliathán. Dá mbeadh aon taobh-ghabháil agat leis thabharfá déanamh níos fearr do: báidheamhlacht, léidhe. Éan taobh-gheal an fhaoileann: dath bán ar gach pioc di ach a drom. Mo chailín taobh-gheal: cneas geal uirthi. Is olc an tuar na taobh-ghreamanna a thagas ionam ar uairibh: tinneasaidhe idir mhás is easnaidheachaibh. Ó bheith cois na teine chómh fada, táir taobh-loiscithe aice, ní fuláir liom: í dulta i luighe gaibhte go maith. Ná bíodh aon ghearán agat ar ar deineadh leat, níl aon taobh-lot ort: ní fiú biorán is ar imthigh ort. Fuair an cat taobh-loscadh nuair bhuail an teine dhearg é: dóghadh go maith na cliatháin aige. Fuaireas taobh-léasadh maith uaithi, deirim-se leat go mbeidh a chuimhne ar feadh tamaill agam: bualadh ar m'fhaid is ar mo leithead. D'aimsigh sé cruinn díreach i gcródh an chinn me agus mara mbeadh go ránguigh liom taobh-léim do thabhairt bhíos treascartha aige: léim ar chlé nó ar dheis. Cnoc taobh-mhín gur bh'aoibhinn leat féachaint uait air fé thaithneamh na gréine: a leaca gan bheith garbh ná cnapach. Nuair pléascadh na tighthe, d'imthigh na daoine taobh-nocht amach fés na sráideannaibh: gan luid ortha. Cé go raibh an glas ar an mbosca bhí sé taobh-oscailte: cliathán de gan fasc. Cósta taobh-órdha na farraige lé buidhiughadh gréine: dath buidhe glé air. Ní maith liom é, tá iomad taobh-pháirtidheachta ag baint leis: é ró-mhor lé dream seachas dream eile. Bórd taobh-leathan

fé mhórchuid bídh: an-fhairsing. Féach air, nách é an fear taobh-láidir é: curanta, acfuinneach. Casóg taobh-phaisteálta: go mbíonn a liacht preabán uirthi. An bhfuilir taobh-pháirteach sa chogadh so?: an bhfuilir leithleachais? Is taobh-righin an duine thu, is rí-dheacair aon obair ná gníomh do bhaint asat: gan aon anam chun corruighthe. Nách taobh-righin ataoi ná gluaisfeadh is gan puinn aimsire agat anois?: deacair: dúr. Ceanntar taobh-réidh atá rómhat ní bheidh aon duadh rothaidheachta ort: bóithre míne, sleamhaine gan árd ann. Do thaobh-rith sé liom ar feadh na slighe ar fad: suas lem chliathán. Bullóg taobh-ruadh: go mbíonn cuid mhaith teasa fachta aice. Muca taobh-reamhra, is mór an seódh an luach a bhí indiu ortha: an-bheathuighthe. Taobh-rudaidhe iad san go bhfuil go leór aimsire ina gcómhair, leig dóibh go fóill: ná fuil ró-thábhachtach. Déanfar taobh-shlighe isteach ón mbóthar rianta chun an tighe: seach-bhóthar: casán i leathtaoibh. Cad a chuir taobh-throm í?: connas ráinig sí torrach. Iompófar t'ualach, tá sé taobh-throm: leath-cheann air: cliathán do chlaon lé talamh toisc a thruime. Oiread aimsire caithte ag an dteine agat agus go mbeifeá taobh-thirim: do chuid éadaigh tiormuighthe. D'fhuilngeóchadh sé cuid mhaith, tá sé taobh-theann: neart ina chnámhaibh. Long taobh-theann: gur deacair a tolladh. An iongadh an tsean-nadhbhóg bheith taobh-thugtha: í suaidhte as a cliathánaibh. Níl acht an taobh-theacht amháin ar an bparróiste: aon tslighe nó bealach amháin isteach ann. Ná bíodh aon eagla ort ná go ndéanfad-sa taobh-thacaidheacht leat má bheireann cruaidh ort: go dtabharfad lán-chabhair duit. Tá taobh-tharrac ort, an amhlaidh atá do leath-ghealais briste: leath-tharrac. Loch taobh-uaine: go bhfuil a himeall mór dtímcheall fíor-ghlas. Sliabh taobh-úr seadh é, ní thiormuigheann móin go ró-mhaith air: fliuch: tais.

taobhach: *a.* (**taobhthach**) cliathánach, muinghineach, leithleachais. Leabhar mór-thaobhach nách mór go bhfaigheadh slighe ar an mbórd beag san: ceasa fada aige. Tigh fad-thaobhach fé n-a mhór-chuid fuinneóg: fallaidhe fada fé. Bóthar glas-thaobhach: féar ag fás ar a ghruadhannaibh. Bean fhuar-thaobhach dom dob eadh í ón lá do phós sí me: gan puinn báidhe. Fíné taobhach a dhearbhuigh gach aon rud go bhféadfadh sé cuimhneamh air in aigne: claon. Ná tabhair breith thaobhach, fan go gcloisir cad tá agam-sa lé rádh: neamhchomhthrom, ró-fhábhrach. Bíonn sé taobhach leis an ndigh, na mnáibh: cion aige ar bheith mar a mbíd. Gort trí-thaobhach atá fé choirce ann: trí-chliathánach.

taobhachtain(t): *b.3.* leithleachas, aontadh, do chur iontaoibhe i. Cé leis go bhfuilir ag taobhachtaint sa chogadh so?: cé leis go bhfuil t'aigne is do chabhair? Beidh súd ag taobhachtaint leat faid bheidh aon rud ded bharr aige: ag moladh leat: ag cabhradh: ag cainnt ar do shon. Dá mbeinn gan aon taobhachtaint do dhéanamh leis ní bheadh cao chómh maith ar fhealladh aige agus mar bhí: gan iontaoibh do chur ann. Ní gábhadh dho éinne taobhachtaint liom-sa, táim ábalta ar aire mhaith do thabhairt dom féin: mo pháirt do ghabháil. Ó thuiteadar amach lé chéile na bliadhanta ó shoin ní raibh aon taobhachtaint eatartha: aon mhuinnteardhas. Cad é an taobhachtaint atá agat-sa leis an bhfear so atá d'iarraidh mo dhíoghbhála-sa do dhéanamh: éighre thiar as: tacaidheacht leis. Níor thugas aon taobhachtaint dá ráidhtibh: níor ghéilleas dóibh.

taobhadh: *f.* (*-bhtha*) do dhul i bhfabhar, i dtacaidheacht, do theacht lé; iontaoibh, báidh. Mo chómhairle dhuit gan aon taobhadh do bheith agat leó, ní maith ná ní cóir lé haithneamhaint iad: iontaoibh: leagadh: claonadh muinnteardhais nó cómhluadair. An

bhfuil éinne annso ag taobhadh leis an bhfear so? má tá labhradh sé: ag déanamh tacaidheachta leis, ag glacadh a pháirte nó ag aontadh. Ná tabhair do thaobhadh lé héinne mar ná feadraís cad é a aigne: iontaoibh. I rith na feadha ar fad bhíodar ag taobhadh leis an abhainn: ag teacht fé n-a déin. Ná déin taobhadh lé droch-dhuine: fan uaidh is ná bíodh iontaoibh agat as.

taobhán: *f.1.* bíoma, sail nó raidhilse treasna ar chúplaidhibh buaice tighe, treasnán; blúire fada adhmaid dó nó trí órdla ar aoirde is ar leithead; staf; bata fada, leathan. "Taobhán teann, tairring as, ní bheimíd ann ach ó Shamhain amach": ná spáráltar aon rud sa tigh seo, ní bheam i bhfad ann – ó Shamhain go Nodlaig. Taobhán maith a bheadh ar aon tigh a sheasóchadh lé scata díomhaoin, droch-ghnóthach mar iad: níor mhór do do bheith ina thigh strusamhail chun seasamh leó. Guidhimíd thú, imthighimíd go Iordan, agus tabhradh gach aon againn taobhán leis as sin, agus déanfam áit dúinn féin ann sin ionna mbiam ár gcómhnaidhe, etc." (2. Righte VI. 2): bíoma, sail. Is mór mar theastóchadh taobhán uaidh sin, an teallaire: bualadh nó smísteáil mhaith do thabhairt do lé bata. Ní bheidh aon taobhán os ár gcionn fé mhaidean ag an ngaoith: árdófar an bhuaic chun siubhail. Cuireadh taobhán sa gheata chun ná geóbhadh na bac amach: raidhilse adhmaid. Taobháin iarainn fé asnaidheachaibh na luinge chun a neartuighthe: raidhilsidhe gan bheith ró-reamhar ná ró-leathan.

taobhtha: *a.r.* so-mhuinghineach, muinghineach. Ní fheadar cad is ceart dom do dhéanamh, dul nó gan dul ina threis, is deacair a rádh an bhfuil sé ion-thaobhtha: gur féidir muinghin do bheith as. Duine ró-thaobhtha thusa, ní ghéillfeá go ndéanfadh neach do dhíoghbháil: claon le muinghin is gan amhras do bheith ar éinne.

taobhthacht: (**taobhaidheacht**) *b.3.* claonadh, léidhe, báidh, tacaidheacht, muinghin, fabhracht. Ní fhéadfadh neach a rádh go ndeárna taobhthacht riamh lé coir, go mbím do shíor is do ghnáth ghá fógairt: go raibh báidh ná léidhe agam léi. Thugas an iomad taobhthachta leis, shaoileas nár chás dom m'anam d'fhágaint fé, ach ní mar sin do bhí; chlis sé orm: m'aigne ró-bháidheamhail leis agus an iomad muinghine agam as ina theannta san. Ní dhéinid aon taobhthacht lé chéile ná is fada riamh go ndeárnadar: ní bhíonn aon tsíos ná suas aca le chéile. Mara mbeadh a thaobhthacht leat chuirfeadh sé bliadhain phríosúin ort: é do bheith chómh báidheamhail sin leat.

taobhthóir: *f.3.* cabharthóir, tacaidhe, cúlaistín. Bheadh náire orm na taobhthóiridhe atá agat do bheith agam, ní sméidfinn ortha, gan bac lé n-a gcóngamh: tacaidhthe. Ar an sluagh ar fad níor bhraitheas go raibh oiread agus taobhthóir amháin agam nó má bhí níor árduigh sé a ghuth: duine a bhí liom.

taobhughadh: *f.* (*-uighthe*) téarnamh, druideam fé dhéin, tacaidheacht, gríosadh lé. Ná bí-se ag taobhughadh in ao'chor liom, cómhairiceóchad mo chúrsa me féin gan chabhair ó neach: ag tacaidheacht. Beidh an raic ag taobhughadh leis an dtalamh ó tá an ghaoth ón bhfarraige: ag druideam ina threó. Lé déidheannaighe tugaim fé ndeara fonn taobhuighthe air: fonn air muinndeardhas do dhéanamh. Ná bí ag taobhughadh leis, tá sé mear a dhóthain cheana: ghá ghríosadh.

taobhuighim: (**taobhnuighim**) *b.a. & n-a.* téarnuighim, druidim lé, tairringim in aice; téighim i dtreis, i muinghin. "Do thaobhnuigh an spéir-bhean im chóir, d'fhág taomanach breóidhte lag sinn": dhruid sí in aice liom. Ná taobhuigh an iomad dighe nó is tinn duit: ná bain léi. Ar thaobhuighis ár gceanntar-ne riamh?: ar fhiosruighis?: ar thugais cuaird air? Mol an sliabh is ná taobhuigh é: ná cuir thu féin ina iontaoibh chun maireachtana air. Céaca complacht go dtaobhuighir-se leó?: go ndeinir tacaidheacht leo: go dtugair do chóngamh do. Ní thaobhóchainn leat go bhfuil ár dtaobh-ne ar lár fós: ní aontóchainn. Fear annso agam-sa a thaobhóchaidh liom cuirfead geall: a aontóchaidh liom: a dhéanfaidh tacaidheacht lém ráidhtibh. An dtaobhófá púnt leis?: an mbeadh muinghin agat as é do thabhairt ar iasacht do? Taobhuigh lé Dia thu féin: fág thu féin fé thoil Dé. Cad thaobhuighir do dhéanamh? abair rud éigin: cad go bhfuilir i bhfabhar a dhéanamh? Seachain is ná taobhuigh is ná tabhair an t-aitheantas ar aon rud: bí aireach ná haistreochair ón té go bhfuil aithne agat air go duine eile. Sin saghas cainnte nár thaobhuigh sé riamh, tá béal mánla air: nár chleacht a labhairt. Is fadó thaobhuighis an diabhal an lá a bhí aon bhaint agat leis: a chuiris a choidreamh. Níor thaobhuighis riamh an fhírinne: níor chleachtais í ná ní raibh aon ghrádh agat di.

taobhuighthe: *a.r.* dulta ar thaobh, i dtacaidheacht, i gcóngamh. An fada taobhuighthe leat é? shaoileas go mbíodh sé go mór id choinnibh: ag déanamh tacaidheachta leat: in aontadh. D'fhágadar an dá bhád taobhuighthe ar ancaire: buailte lé chéile: sínte suas lé chéile.

taod: *f. & b.3.* geit, preab, néall, spreang, ríog, atharrughadh obann, guilm, tréith, dúire agus daingne. Is iomdha taod i lá earraigh: bíonn sé claon le hatharrughadh aimsire. Ní fhéadfá seasamh air, le linn broide go mór-mhór, tagann taod ann: spreang go n-athróchadh aigne ar an dtoirt. Chuir biadh éigin a ith sé an taod san air: taom breoidhteachta. Bhí sé suimeanta go bpósfadh sí é agus dar ndóigh do bhí sí féin amhlaidh sin, leis, ach bhuail taod í, gur phós scraiste éigin eile: teadh obann: atharrughadh aigne de gheit. Dá mbeadh sibh ghá cháineadh go maidean, tá taod fearamhail ann: preab fir. Uair má seach sheasóchadh sé deoch, tá san de thaod ann: spreang. An ghaoth ag séideadh aniar ón bhfarraige lé taod: go daingean, dúr. Cá bhfuil sé anois, ná raibh sé ag léigheamh annsan ó chiainibh, sé giolla na dtaod é: na spreang: na dtaom: na dteadhann. Níl aon taod maith ina chorp, ní fheacaidh neach riamh aon rud suaithinseach dhá dhéanamh aige: tréith: airdhean: níl faic ag baint leis a chómharthófá. Budh mhór an taod chun ban é, é fiadhain, glan chun pósta agus é go hárd os chionn trí fichid: dúil: fonn: guilm.

taodach: *a.* spreangamhail, ríogach, starránach, stalcach, cadránta, dúr, dásachtach, broideamhail. Budh mhór an truagh í do bheith chómh taodach ná féadfá muinghin do bheith agat as a mianach mar budh ghreanta, uasal an cailín í: spreangamhail: claon lé néall do theacht uirthi: taomanach. Iasc taodach pullóga, laetheanta a bhéarfaidís is laetheanta ná béarfaidís: taomanach. Aimsir thaodach mar í seo budh chonntabhairt d'éinne dul ar an bhfarraige: garbh, atharrach. Tugann sé lá taodach sa ghort, sin uile!: dréir mar thagann a theadh air. Tagann taoda air, ní mór go mbeadh sé ciallmhar agat iontaoibh do chur as: spreanganna go n-athruigheann a intinn léo. In aon áit go mbíonn deoch bíonn sé taodach trodach: stalcach, tuaisceartach, deacair cóstáil leis. Franncach

taodach dob eadh í: ríogach, spreangamhail. Gnóth an-thaodach ar lámhaibh agam indiu, táim ar dearg-shaothar leis: géibhineach: broideamhail. Cath taodach ar siubhal sa Rúis na laetheanta so, na mílte dhá mharbhadh is gach fód dá throid: daingean, dúr.

taodacht: *b.3.* aiste bheith taodach, dúr, daingean, spreangamhlacht, stalcacht (stailcidheacht), broideamhlacht. Chuaidh díom aon lámh do dhéanamh di lé n-a dtaodacht nuair budh dhóigh liom í bheith liom ní túisce sin ná bíodh sí im choinnibh: an claonadh lé hatharrughadh a haigne: luaith-intinn. Seachain tu féin ar a taodacht, ní dhéanfaidh sí rud ar neach ach uirthi féin: ceanndáine, dúire agus daingne. Seal beag is seal beag airís, sin mar oibrigheann san, pé taodacht atá ann: teadhanna aite. Lé taodacht na farraige do scrios sí roimpe an falla mór barrachta a bhí ar an gcaladh: dásacht.

taodmhar: *a.* spreangamhail, néallach, taomanach. Bíonn sí an-thaodmhar leis an aimsir, ní fios do connus í d'ionnramháil: taomanach: claon lé malairt aigne ar a luighead cúise nó ar aon am. Nílim éirightheach i dtaobh ban, bíd taodmhar liom is gan a fhios agam an fáth: míchéadfadhach. Budh mhór an truagh é do bheith chómh taodmhar, tá an-cheann air dá luighfeadh sé le haon rud tamall: seachmallach: néallach: ríogamhail.

taoibhín: *f.4.* preabán, blúire leathair deisighthe ar thaoibh bróige. Cuir sála agus taoibhínidhe fém brógaibh: paistidhe taoibhe mar a n-oirid.

taoide: *f. & b.4.* tuiteam agus éirghe uachtair na mara gach ré seal, líonadh agus trághadh, an tsruth féin mar chuireann sí; an mhuir; cuid mhór. "Teacht agus imtheacht na taoide, obair na mbeach is intinn ban", trí rudaidhe a théigheas dínn do thuigsint. An long ag imtheacht lé taoide: gan treóir foirinne (fóirne) uirthe. Soitheach mór trom ag imtheacht idir dhá thaoide: an-dhoimhin: gan ach cuid di lé feicsint anois agus airís. Tá sé ina thaoide aithbhe rabharta: an mhuir ar aiste dhi bheith ag trághadh nó ag scughadh lé linn na nuadh-ré nó lán-ré nuair is ísle thuiteas an mhuir. Taoide thuilleadh mallmhurach atá ann anois .i. ag líonadh atá an fharraige ach toisc nách tímcheall nuadh-ré ná lán-ré é ní héighe mhór di. Seachnaidh an taoide bhuile sin: mar a mbíonn an tsruth (líonadh nó trághadh) ag cur go fuinneamhail láidir. Taoide chas is deacair teacht aiste: go mbíonn guairneáin innte. Barra taoide: lán mara. Lag-thaoide atá indiu ann: gan aon phuinn nirt ag rith innte. Thíos cois na taoide do fuaireadh a corp báidhte: in imeall an uisce. Ag imtheacht ar bharr na taoide is conntabharthach an bheatha é: iascaireacht nó máirnéalaidheacht. An bhfuil an taoide casta fós: atharruighthe chun líonta nó tráighte. Bhí an taoide idir a lag 'sa lom: ina lag-trágha mara: ní raibh diúir eile lé trághadh aice. Tá sé 'na thaoide thuile, aithbhe: an tsruth tosnuighthe. Siubhluigh barra taoide: lé ciumhais an riain a fhágann an taoide nuair bhíonn sí lán ar fad. Ar feadh an lae bhí barra taoide dighe sa tigh tábhairne: an-chuid Éireann dighe. Chuir sé barra taoide ar an dtigh lé digh: bhí sé ag glaodhach 'sag glaodhach go rabairneach. Bead ag gluaiseacht, tá taoide den lá caithte agam nbhur measc: cuid mhaith. Bíodh leat an taoide seo, ach ná déin arís é: an turus-so. Chaithfeadh sé na taoididhe ann gan aon fhonn gluaiste air: seal ar sheal gan corruighe as. An t-am agus an taoide ní fhanfaid lé heinne: bíd do shíor ar gluaiseacht. Leath 'e thaoide bhí sé nuair chuireamair chun farraige: leath-lán nó leath-tráighte. Chodlóchadh sé taoide: cuid mhór. An madra taoide a ritheann ó dheas ar an mbealach idir an Blascaod Mór agus an míntír: sruth láidir bhorb chas. Bíonn feirste

taoide ann nuair bhíonn sí féin agus an ghaoth ag cur i gcoinnibh a chéile. Tá buaidhte orm an taoide seo: an babhta so: an turus so. Is i gcoinnibh na taoide ataoi ag dul: gan aon rud fabhrach duit. Ghaibh uain thaoide lastuas den bhád gur bhuail a béal fúithi: farraige dheineann neart na srutha. Abha thaoide: mar a dtéigheann trághadh is líonadh uirthi ón bhfarraige. An deoch ag teacht 'na taoide: ina tuile: go flúirseach. Ná bac lé labhairt an taoide seo, mo thuairm go mbeifí ag faoidhfrigh fút. An dtiocfaidh aon taoide go deó ort go n-atharróchair?: aon uain. Féach air! budh dhóigh leat gur rud éigin do chaith an barra taoide isteach é: rud suarach, meathluighthe. Mar rud a gheóbhfá ar barra taoide: caithte isteach ag an muir. An té ná friothálann an taoide bíonn thiar air: ná baineann áis as an gcaothamhlacht. Níl annso ach taoide idir dhá thaoide ní fiú trácht air seachas a bhfuil lé teacht: lon: idir dhá linn.

taoideach: (**taoile**) *a.* ag baint lé taoide. Bealach taoide idir dhá bholg mhóra farraige; mar a gcuireann sruthanna láidre. Ní farraige thaoide an Mhuir Mheádon (an Mhuir dTrian): ní thuiteann ná ní éirigheann an sáile innte. Bíonn sé mear-thaoideach i ngach bealach caol: gluaiseann an fharraige ina sconna thríd. Nách mall-thaoideach ataoi, budh cheart do bheith annso fadó riamh indiu: neamhthráchtamhail. Cuan neamh-thaoideach mar a ngluaiseann aithbhe is tuile go mall socair.

taoideamhail: *a.* lán de, láidir fé thaoide. Cósta ró-thaoideamhail é ní longuigheann aon raic ann: iomad díobh ann is iad ró-láidir.

taoinnte: *f.4.* aon tsnáithín amháin, greim, luid. Cuir taoinnte sa tsnáthaid: cuir snáithín innte. Caithfir culaith nuadh d'fhaghál, níl taoinnte ort: luid: giobal. Níl taoinnte anáirde air (ar a dhrom): an-dhealbh fé éadach. Cuir taoinnte id thriubhas, tá sé stolta. Níl taoinnte maitheasa ann: níl aon mhaith ann. Connus tá gach taoinnte díot?: gach screatal, pioc, blúire. Bhris taoinnte a shaoghail: d'éag sé. Ní ghéillfeadh sé taoinnte dhom dá mhéid tafant is bladar do dheineas air: pioc, luid, órdlach. An t-ualach i bhfad ró-throm dom, thairring sé taoinntidheacha an droma asam: snáithínidhe: ghoil sé go ró-mhór orm. "An mblaiseann sé aonnidh anois?" – "bíonn sé ag baint taoinnte as": ag ól a bhraoin ó am go ham. Choingbheóchaidh an taoinnte é: an ceangal, greim is laige. Níl aon teóra lé fear an taoinnte dhírigh: an fear macánta a mhaireann ar an bhfírinne is ar an ionracas. Taoinnte fada na hóinsighe, taoinnte gearra na banóirsighe (banabhairseach): an greim fada aimlidhthe, an greim gearra críochnamhail. Thairringeadar leó é ina thaoinnte is ina thaoinnte: uidh ar n-uidh, chaitheadar é, d'ídigheadar é. Thug sé é féin lé dúthracht go dtín dtaoinnte déidheannach a bhí ann: an ruibe déidheannach: gach uile phioc dá neart. Níl ghá choimeád ach an taoinnte: tá sé i reachtaibh tuiteam. Chailleas taoinnte mo scéil, fan, féach a bhféadfainn cuimhneamh air: a rith: a threóir. A cheann maol ar fad, níl taoinnte air: ruibe gruaige. Chuir sé an oiread san uilc orm ná fágfainn taoinnte lé chéile dhe dá bhfaghainn greim air: pioc, luid. Dá mbeinn ag gabháil de go gcuireadh Dia fios orm ní thiocfadh sé taoinnte liom: ní chorróchadh sé: ní ghéillfeadh.

taoiseach: *f.1.* ceannródaidhe, treóraidhe, flaith, cinnire, ceannurraidh, ceann feadhna, fear cinn riain. An Taoiseach sluaigh Romail: ceannurruaidh den gcéim is aoirde. Sé taoiseach ár mbaile-ne é: an té go n-iarrtar cómhairle air, go mbítear ag brath air chun na ndaoine do threórughadh. Taoisigh an bhaile mhóir: na daoine gustalacha a bhíos i

gceannas de dheóin nó d'aindeóin. Cé hé an taoiseach a bheidh ar an mbád so?: captaen. Sid é an té is measa a bhí ar an ndream ar fad, sé an taoiseach tána a bhí ortha é: an té a spriog fútha chun achrainn is clampair. De Bheailéara taoiseach na hÉireann: an ceann: an treóraidhe. Leanaim ár dtaoiseach: an té atá ag tabhairt eólais dúinn.

taoiseacht: *b.3.* ceannaireacht, treóraidheacht. Ghaibh sé an taoiseacht air féin, ach ní fheadar-sa cé leanfaidh é?: treóraidheacht. Caitheadh suas taoiseacht an tighe air: fágadh fé é do riar. Is fé Dhe Bheiléara atá taoiseacht na hÉireann: a treórughadh. Dá mbeadh taoiseacht mhaith ortha tá sé ionta gníomh do dhéanamh: stiúradh ceart.

taoisle: *f.4.* cnapán bog. Dein císte ded thaoisle: cnapán taois.

taoisleann: *f.1.* suiméar, scabhárd, rith buan maith aon ruda. Tá an iomad móinfhéar bainte den ngort, níl aon taoisleann d'ainmhidhe ina bharra: scabhárd. Deirtear go bhfuil taoisleann in ubh, gur fearr é ná a lán d'aon rud eile: scabhárd. Ní bhíonn taoisleann maith gan saothrughadh ceart: toradh. Bíonn tú ag obair, tá a fhios agam san, ach tá a fhios agat-sa, leis, ná fuil aon taoisleann innte: ná tagann faic ded chuid shaothair: sochar: toradh. Is mó an taoisleann a bhainfeá as arán a bheadh bácálta tamall ná an t-arán a bheadh nuadh-bhácálta: budh shia lé dul é. Is mó go mór an taoisleann a bhíonn i mairtfheóil ná i gcaoirfheóil: is sia lé dul í: is mó suiméar innte. Taoisleann beag bainne a bhíonn gem bhuin, ní bhfaghann sí an cothughadh ceart: crúdhtach suarach.

taoisleannach: *a.* torthamhail, níos sia lé dul, buan, scabhárdach. Is taoisleannaighe feirmeóireacht 'ná iascaireacht: is mó do bhíonn dá barr. Céaca is taoisleannaighe d'fheirmeóir coirce nó cruithneacht?: céaca is sia raghadh do i ndeireadh dála? Bíonn sicín an-thaoisleannach do dhuine lag: scabhárdach. Culaith ghlas is taoisleannaighe fén dtuaith, ní luigheann an smúit oiread uirthi: is buaine: is fearr fulang.

taom: *f.3.* duartan, díle, spreang, teadh obann, treighid, ionsaidhe obann, léic; aicíd, amhgar. Bhuail taom é amuigh sa ghort gur bh'éigean é bhreith abhaile ar chómhlain, gur fhan ina luigheachán go lá a bháis: gabhlán breóidhteachta. An aon taom atá air ná feaca lasmuigh lé haon tamall é?: galar a choimeádfadh ar leabaidh é. Tháinig taom san oidhche air, gurbh éigean fios do chur ar an ndochtúir toisc a olcas is bhí sé: bhuail ríog obann tinnis é. Mo shúil ná tiocfaidh taom ná diachair ort, a fhir chóir: galar obann ná aon tinneas eile. Bhíos díreach ar intinn dul 'on bhaile mhór ar feadh an lae ach bhuail taom eile me is d'fhanas sa bhaile: teadh nó smaoineamh obann. Go saoraidh Dia sinn, níor mhaith leat bheith in aon ghiorracht do nuair thagann na taomacha air, bíonn cubhrán bán lé n-a bhéal: racht: ionsaidhthe obann go n-imthigheann réim a luadhaille is a luadair leo. Tá taom ban tagtha ar an mbreallán san is an fonn pósta atá air, maran b'é a am do é: fonn obann mar bheadh galar éigin. Is aindeis atá an talamh ges na taomachaibh troma báistighe sin: raistidhe go mbíonn fuinneamh leó. Tháinig taom ar an iasc ná fuairtheas breac de ar feadh mí thar éis a raibh ann de an mhaidean san: atharrughadh obann gan choinne leis. Cuireann amharc droch-ghnótha taomacha buile orm: rachta: tagann báine orm dem aindeóin. Ná tagadh aon taom ionat go ndéanfá é: aon ríog: teadh: oiread agus smaoineamh.

taomach: *a.* ríogach, spreangamhail, teadhmanach, luaith-intinneach, giodamach. Ní mór go bhféadfá aon mhuinghin do bheith agat as, tá sé an-thaomach, ní túisce ar an aigne seo é 'ná ar aigne eile: luaith-intinneach. Chómh taomach lé gabhar: éadtrom, aerach, guagach. Bheadh sé ag gáiridhe anois leat, is níor dhóichigde dho ná tú sháthadh i gcionn nóiminte, tá sé chómh taomach san. Duine taomach lé breóidhtigh é, is beag in ao'chor an chúis do gheóbhadh sé: claon lé gearántaibh obann.

taom-ghoinideach: *a.* lán-dhiachrach, anacair lé tinneas. Is é mo thaobh atá go taom-ghoinideach, is dóigh liom go bhfuil sé dhá stracadh asam: go hanacair lé tinneas. Biadh taom-ghoinideach do dhaoinibh seadh gleamach dá n-ithidís an iomad de: cuireann sé tinneas uathbhásach ina mbolg. An té a thógann nimh is é gheibheann an bás taom-ghoinideach: freangaidhe diabhalta, uathbhásacha.

taomnach: *a.* taodach, ríogach, spreangamhail, tugtha do aithiompáil breóidhteachta, claon lé galar. "Do thaobhnuigh an spéir-bhean im chómhair, d'fhág taomnach breóidhte, lag sinn": claon lé breóidhtigh do theacht ina cathannaibh, spreangaibh orm. Uaireannta bheadh sé talamh annso agat is uaireannta ná beadh, barra taomnach is eadh: claon lé teip chómh maith lé n-a theacht. Cur taomnach prátaidhe: níor thugtha dhóibh fás ná teip: taodach. Bliadhain thaomnach ar gach aonnidh í seo: corr. Duine taomnach, bíonn rud éigin in aghaidh an lae air: claon lé galaraibh.

taos: *f.1.* dlúimh reamhar bhog phlúir nó mhine taisrighthe lé gabháil bainne, uisce, etc., fuinnte chun aráin do dhéanamh de. An iomad taois sa chíste is deacair do bácáil. Níl aon táthughadh fós ar an dtaos: níor thriomuigh ná chruadhaidh fós. Is amhlaidh mar tá ges na haindeiseóiridhibh go mbíonn an taos leis an oighean gach lá sa bhliadhain aca: an císte déidheannach thíos ar an dteine aca. Arán mór is beagán taois: bullóg mhór gan puinn taolainn. Tá ceann air sin chómh bog lé taos: gan faic ann: ceann gan meabhraidheacht. Mara stadair dem chiapadh déanfad taos ded cheann: bogfad é: tabharfad liúdráil duit. "Ofráilfidhe suas bairghean don chéad chuid den bhur dtaos mar íodhbairt thógtha, etc." (Uibh. XV. 20).

taosc: *f.3.* maidhm uisce, sconna, an méid a tógfaí de lionn in árus. Taosca fola ag teacht as na pollaibh do dhein an píce ann: sconnaidhe beaga. Is iomdha taosc leanna duibhe íbhthe sa tigh tábhairne chéadna: árus dighe.

taoscach: *a.* oireamhnach chun taosctha, lán suas. Ní árus taoscach cupa i mbád: ní maith é chun an uisce do theilgean de bhórd 'na streallaibh móra. Braon eile ní fhéadfainn d'ól táim taoscach go poll an phaidrín: faobhar lé faobhar. Bíonn deoch go taoscach aca, ní fhágaid tart ar neach: go flúirseach, rabairneach.

taoscadh: *f.* (*-ctha*) uisce do chaitheamh as bád lé hárus, tré chupán nó calán do thumadh ann, do dhiúgadh, d'úirleacan; do chur cré ar iomairidhe as chlasaibh nó ag tógaint mhóna ón isleán. Lá marbhthach go maith i ngabhal portaigh ag taoscadh mhóna: ghá tógaint lé píce is ghá síneadh thart chun lucht a scaipthe. Ag taoscadh aithchré ar phrátaidhibh: ghá cur lé sluasaid ameasc na ngas. Iomad dúlach aige i dtaoscadh na gcárt: ina ndiúgadh. Tháinig tonn taosctha air ar an muir: úirleacan lé breoidhtigh fharraige. An

oiread airgead aige go mbíonn sé ghá thaoscadh: ghá ionnramháil 'na chnocánaibh mar bheifeá ag teilgean ruda lé sluasaid. Ag taoscadh ghainimhe, ghrin, etc.: ghá tógaint lé sluasaid: ag sluaisteáil airgid. Budh mhór an taoscadh dighe ar an mbaile lé linn na Nodlag chúig soithighe déag leanna duibhe: an t-ólachán. Ní raibh aige chun na nadhbhóige do thaoscadh ach a bhróg: an t-uisce a bhí ar a tóin do theilgean amach. Chuirfeadh an suthaidhe gráin ort bheith ag féachaint air ag taoscadh dighe isteach ann féin: ghá ól mar bheadh capall ag sruth. Is me do bheith ag taoscadh airgid chúcha ní bheidís sásta, bheadh gearán ortha i gcómhnaidhe: ghá thabhairt dóibh ina chnocánaibh.

taoscaim: *b.a.* caithim uisce as bhád, etc. lé taoscán, diúgaim, ólaim go dúlmhar, úirleacaim, sluaisteálaim. Thaoscfainn gloine bheathuisce chómh maith lé haon fhear bán: d'ólfainn gan dochma ná faillighe. Thaoscfá allus den gcapall, baineadh an oiread san reatha as: ní mór ná go líonfá árus de. Is é an t-uisce te do thaoscfainn ort, is ní lé cion é: do streallfainn ort. Tháinig casadh ina aigne leis an rud a bhí ithte aige is thaosc sé a raibh ina phutóig: d'úirlic: chuir amach. Do thaoscaidís siúd na groidhe-fhir beathuisce is fíon ar bórd: ghlaodhaidís is d'íbhidís. Thaosc sé a raibh ina chliabhlach: chuir amach.

taoscán: *f.1.* oiread leanna is líonfadh árus idir a leath is a lán; ádhbhar maith; ualach ná beadh lán; árus chun uisce, leanna etc. d'fhollamhughadh. Bhí taoscáin éisc ges na báid indiu: roinnt mhaith, mar bheadh leath lasta nó mar sin. Ní raibh ach taoscáinín féir sa trucaill aige, ní mór ná go mbéarfá leat i dtéadán é: ualach beag. Bó mhaith í sin, bíonn taoscán breágh bainne aice: ádhbhar maith. Taoscán an bháid d'iasc aca tar éis na hoidhche: breis agus leath oiread a bhféadfadh sí d'iomchar. Bhíodh taoscáin bhreághtha ime ar an margadh ann sara dtáinig an t-uachtarlann: cnapáin thoirteamhla. Caith isteach taoscán de san ionat féin: adhbhar maith d'aon tsaghas leachta. Rug sé taoscán maith airgid ón Oileán Úr leis: múirle cuibheasach mór. Taoscán a phóca d'airgead aige: oiread is go dtabharfá fé ndeara ina phort é. Ní déarfainn go raibh sé ar meisce ach bhí taoscán maith thiar aige: a choirce dighe. Chuir sé taoscán an bháid i bhfarraige lé liobarnacht is annsan do bhíomair i gcantibh gan faic againn chun an uisce do chaitheamh amach. Dhéanfadh braon beag me, tá an iomad i dtaoscán.

taoscóir: *f.3.* duine nó rud a thaoscas. Taoscóir maith móna: a thógas ón bpíce go pras í gan a briseadh, etc. Ní taoscóir maith ar phrátaidhibh me: sluaisteóir: ní chuirim an cré go haicillidhe ná go pras suas. Cráig phartáin an taoscóir báid atá againn: calán.

taosctha: *a.r.* aon tsaghas leachta do bheith tógtha, diúgtha nó súighte as árus, etc., follamhuighthe. Bhíodar ag gabháil den loch go dtí go raibh sí taosctha aca, go raibh a tón lé feicsint: gach aon bhraon uisce diúgtha aiste. An bhfuil taosctha ar na prátaidhibh fós agat?: an chré curtha ortha. A raibh de ghrean ann taosctha chun tógála: tógtha as lé sluaistibh. Níl braon sa tsoitheach ná fuil taosctha as: tairngthe, ólta. Dá mbeadh an bád taosctha sheólfadh sí níos fearr, ní bheadh sí ag suaineáil chómh mór san: an t-uisce caithte amach aiste nó súiricighthe.

tap: *f. n-dh.* preab, geit. Seachain thu féin san áit shleamhain sin, thuitfeá ann ar a' thap: ar an dtoirt: de phreib. D'imthigh mío-thap air is a rádh ná fuil sé annso anois, tá sé i bhfad thar am: mí-sheól. Bí amuigh ar a thap: anois díreach: gan aon mhoill. Scréachadh

laistiar díom is baineadh tap asam: preab. Dá mbeadh aon tap ionat ní imtheóchadh sé uait: aon anam. Cuir tap ionat féin: luathuigh, múscail. Bead chughat ar thap an tairnge: gan aon mhoill in ao'chor.

tapadh: *f.1.* aicillidheacht, luathacht, aireachas, brigh, éascaidheacht. Níl aon tapadh ag fanacht ann, tá na cosa ag cailleamhaint air: aon lúth. Dá mbeadh tapadh fir ann shábhálfadh sé, leis, iad – é féin do chaitheamh 'on bhfarraige ó bhí snámh aige: éascaidheacht. Cathair ar chathair dhá chailleamhaint ag na Rúiseánaigh, is baoghalach nách fada ná go mbeid gan tapadh gan treóir: gan cor asta agus droch-chor ortha. Dá dtuiginn in am é ach níor thuigeas chun teacht ar mo thapadh, ní bhéarfadh sé na cosa chómh bog san leis. Is iongtach an tapadh a bhíos i ngirrfhiadh, leis, d'ainmhidhe beag mar é, is an triail a thugann sé lé hainmhidhe mór mar cú: luas: siubhal. Bíodh gach éinne agaibh ar a thapadh, tá an fharraige an-olc ar fad: ar a aire agus ar a dhícheall. Níor fhág na dathacha tapadh mná seólta: neart is brigh: éascaidheacht. Mío-thapadh dhom gan breith air is é ag gabháil tharm: ceal praitineamhlachta: cheal chuimhnimh tapaidh is gníomh do dhéanamh. Mío-thapadh dhom gan bheith ann, pé mío-ádh orm is moilliughadh: cheal teacht ar m'airdheanachaibh in am. Ní mór den bhféar a leig sé d'fhás fé n-a chosaibh, budh dhiail an tapadh dho teacht chómh luath: friotháilt thráthamhail agus éascaidheacht gnímh. Bhítheas ar mo thí, ach bhíos-sa ar mo thapadh is níor rugadh orm: ní him chodladh bhíos ach ar m'aire go diair. Ná beadh tapadh éigin ionat agus breith go fáiscithe air sin: fuinneamh is brigh: mire.

tapaidh: *a.* gníomhach, luath, mear, imshníomhach, ceann-uaiscneach, teasaidhe. Ní maith liom in ao'chor thu, táir ró-thapaidh féd bhuille: buailir duine gan aon chúis nó ar fhíor-bheagán. Bí tapaidh leis sin, ná caith an tráthnóna leis: mear. Budh thapaidh d'imthigh sé: níor mhair, fhan, sé i bhfad. Budh thapaidh an iarracht í: rud do theacht go hobann, luath. Ní dhéanfaidh so cogadh tapaidh: ní thiocfaidh crích ró-luath air. Capall tapaidh ar bhóthar: a ghluaiseas go héascaidh, seólta. Budh mhór an truagh í do bheith chómh tapaidh, is maith agus is galánta an bhean ar gach cuma eile í: lasánta, teasaidhe, mear 'na mianach. Buail tapaidh: lé luas. Bí amuigh tapaidh: ná moilligh: anois! Tapaidh thu!: déin deifir. Tapaidh leat abhaile: gluais lom díreach. Níor mhaith leis an scéala do theacht tapaidh orm: gan choinne leis. Céaca is tapamhla a thógfá bean ghránda shaidhbhir nó bean bhocht áluinn?: is túisce. Is tapamhla indiu mé 'ná indé: is luaithe. Saoir thapamhla, ní fada an mhoill ortha tigh do chaitheamh ar a chéile: luatha. Céaca den mbeirt is tapamhla?: is furaiste fearg do chur ar éinne aca: is lasánta, is claoine lé néall feirge do theacht air. Labhrair ró-thapaidh, imthigheadh an saothar díot: tagann an chainnt chómh luath mear san nách féidir breith suas léi i dtuigsint. Tháinig rud éigin tapaidh air indiu: taom nó rud éigin treasna air ná raibh coinne aige leis. Ar bheith tapaidh bheadh sé in am fós dá dhéidheannaighe é: luathughadh is deabhadh do dhéanamh. Tapaidh chun bainte – fé n-a bhuille, etc.: luath, mear.

tapaidheacht: *b.3.* luathas, gníomhaireacht, gliocas, luas, aicillidheacht. Bíodh tapaidheacht ionat tímcheall do ghnótha, ná bíodh aon rud ar sileadh leat: bí aicillidhe, luath, mear. Budh mhór an tapaidheacht do an féar do bheith san iothlainn aige roim an mbáistigh: dícheall agus aicillidheacht. Déin tapaidheacht air nó imtheóchaidh sé uait: bí id bheathaidh chun gan a leigthe uait. Ar aon ghnóth chuireann sé roimis tá tapaidheacht

ann chuige: mire agus luathas: ní imthigheann faic ar faillighe ná ar bóiléagar air. Ná dein puinn spochaireachta air, tá an tapaidheacht ann: éascaidheacht chun feirge.

tapaigean: *f.1.* tárlachtaint obann, luas, mísheól. Lá meala b'eadh é go gcuirfeadh éinne iontaoibh as, ach de thapaigean dhein lá fiadhain de: ar luighe na súl. Má táir ar tí a dhéanta in ao'chor déin de thapaigean é, is ná caith an lá tímcheall air: lom díreach. Sítheach, grádhach lé chéile iad mar bheadh dreatháracha, de thapaigean d'éirigheadar chun a chéile gur bhaineadar fuil mhairt amach: de phreib. Tháinig an cúrsa de thapaigean orm, ní raibh aon leigheas agam air, ná ní fhéadfainn faic do dhéanamh: de gheit.

tapamhail: *a.* mear, lúthmhar, teasaidhe, ceann-uaiscneach, pras, prap, luath. Nuair chuireann sé chun beartha in ao'chor iasc tapamhail go maith seadh é: mear luath chun tabhartha fén mbaoite. Is tapamhla go mór céachda ná rann: is túisce chun oibre é. Is tapamhail liom thu, ní maith liom aon bhaint do bheith agam leat: is mear liom an mianach atá ionat. Ní fada a choingbheóchaidh súd thu má fhéadann sé teacht in ao'chor, tá sé tapamhail: luath, friothálach. An rud is tapamhla dhuit, imtheacht cómhgar an chnuic: is luaithe bhéarfaidh ar do thriall thu. Is tapamhla go mór dhuit scian chuige ná suisiúr: is í is luaithe chun do ghnótha do dhéanamh. Nuair d'éirigh an mí-sheól dhuit is nár bh'fhéidir leat éirghe, cé budh thapamhla ort?: is túisce tháinig ar t'fhóirthint. An té mar budh thapamhla as an aicíd chuaidh sé ag friotháilt ar an gcuid eile: mar budh thúisce, etc. Níor ghábhadh dhuit bheith chómh tapamhail léd chuid cainnte: labhairt gan call leis nó bheith chómh pras. Budh thapamhail an iarracht do breith ina bheathaidh air: iarracht ná raibh faillighe ná righne ag baint léi. Leagadh é ach má seadh budh thapamhail ag éirghe é: mear, pras: éascaidh.

tapamhlacht: *f.3.* mire, luathas, luas, pras, éascaidheacht, beódhamhlacht. Chuirfeadh sé iongtas ort a thapamhlacht a bhí sé chugham, i bhfad sara raibh aon choinne agam leis: a dheithneacht: a luas is a luathacht. Má bhí gábhadh riamh lé tapamhlacht tá sé anois lé hucht catha eile do dhéanamh san Eóraip chun fóirtheana na Rúiseanach: deithneas agus gníomh gan mhoill. Ar a thapamhlacht a bhí sé leis ní féidir a rádh ná go bhfuil ceól is fuinneamh ina ghéagaibh: a ghiorracht aimsire agus an fhriotháilt gan seiléig. Thógfainn an capall san lé n-a thapamhlacht roim aon cheann eile: a éascaidheacht chun gluaiste agus féicheamhantas lé tiomáint.

tapánta: *a. n-dh.* leóchailleach, claon lé tuiteam, sciorradh, botún do dhéanamh, etc. Socruigh an chloch san sa bhfalla mar tá sí, tá sí an-thapánta: is beag an rud a leagfadh í. Ná beir chómh tapánta san ar an árus, nó tuitfidh sé uait: neambaileach, neamhchríochnamhail. B'fhuraist aithint gurb é a imtheóchadh air, tuiteam, agus an chuma thapánta a cuireadh ar an bhfalla é: claon lé stroilleamhaint. Slighe an-thapánta chun scríbhte atá agat, ná beifeá níos airighe: stroilleamhail, claon lé dearmhad.

tapughadh: *f.* (*-uighthe*) deifriughadh, luathughadh, brostughadh. Déin tapughadh nó ní bheidh a leath déanta agat am stadta: brostughadh. Níor mhór duit bheith ag tapughadh air gan aon tsos chun aon oibre do bhaint as, tá an righne chómh ceangailte, daingean san isteach ina chnámhaibh: ghá bhrostughadh. "Ag tapughadh na hoibre atáim-se bheith ag

moladh na bhfear", ars an té ná raibh ag déanamh faic: ghá luathughadh. Bhíodar an-mhall, an-righin i dtosach, ach táid ag tapughadh lé tamall: ag déanamh breis deabhaidh is dul chun cinn.

tapuighim: *b.a. & n-a.* brostuighim, deithneasuighim, luathuighim. Tapuigh, táir mall déidheannach, nó ní shroichir an baile anocht: deifrigh. Ná tapuigh mise, tapuigh thu féin: ná luathuigh, ná gríosuigh chun breis siubhail. Tapuighidh an lá, a fheara, go mbeidh an buaidh againn: luathuighidh é: oibrighidh chuige.

tar: (**thar**) *r.fh.* de dhruim, treasna, os chionn, tímcheall; breis, seachas, roim, d'aimhdheóin, etc. Dá mbeadh mo bhó féin thar abhainn agam budh chuma liom i dtaobh bó éinne eile: curtha sall go port. D'imthigh sé thar lear ó n-a thír dúthchais: treasna na farraige go dúthaigh éigin eile. An thar tír do ghaibh sé nó d'uisce?: ar an dtalamh tirim. Is maith an rud meódhanaidheacht acht gan dul thar cailc ar aon scéal: dul ró-fhada. Ní maith sagart ná dochtúir anois, tá sé thar fóir: aon mhaith ní féidir do dhéanamh do. An té a théigheas thar fóir air féin bíonn a rian choidhche air: a théigheas ró-dhian. An bhfuil sé thar t'acfuinn san do dhéanamh, do cheannach, do bhualadh, etc.: ró-mhaith dhuit: gan cumas do bheith ionat chuige. Raghair thar t'eólas, éist: déanfair rudaidhe ná fuil aon tuigsint nó ceart agat ortha. Cad í ár dtoisc sa tsíorraidheacht, sin rud atá thar eólas an chuid is fearr agus is léigheanta againn: a théigheas dár dtuigsint: go bhfuilimíd dall air. Thar a bhfeaca riamh cion mo chroidhe agam uirthi: is iad go léir do chur lé chéile. Thar a maireann beó is é a chonnac uaim: ní fuláir nó is é. Thar a bhfeacaís riamh níor dhóichighde dhuit rud a dhéanfá anois ná do bhotún: dréir an deallraimh atá fút thárlóchadh sé gan ró-mhoill. Gluais leis, tá thar mo dhóthain agam, beidh sé mós maith dhom an méid seo d'iomchar: breis agus. Chuireas me féin thar mo riocht an lá úd, ní raibh puinn maitheasa ó shoin ionam: chuadhas ró-dhian orm féin. "Thar cheann do shláinte é" deirtear lé digh a doirtfí gan leigheas gan choinne nó botún eile mar sin gur bh'fhéidir teacht uaidh. Fan-sa ag baile raghad-sa thar do cheann, is fiú liom ort é: it ionad. Thar cheann go rabhas sa láithreach ní labharfadh sé focal: mar gheall air. Thar cheann a bhfuil annso i láthair déarfad go bhfuil an cómhluadar so cortha dhe bheith ag éisteacht lé ráiméis: ar a son, mar theanga labhartha dhóibh eile. Caitheadh tóin thar ceann ar an úrlár a raibh d'éadaighibh im mhála: ina gcúl gan riar gan órd: i ngabhal a chéile. Cuir an bainne thar oidhche mar liathadh ar an dté: ó airéir roime sin. Níor chaith sé thar oidhche eadrainn: aon oidhche amháin. Cé gheóbhadh locht ar an obair shlachtmhar san? tá sí thar barr: go hiongtach ar fad. Ní fiú thar chéad púnt a bhfuil aige, agus ní thabharfainn feóirling eile air: níos mó. Mo dhóthain cúraim a bhíonn orm iad d'aithneamhaint thar a chéile: táid chómh cosamhail sin lé chéile: ceann aca ón gceann eile. Crios mór leathair thar a chom: ina thímcheall. Cuir brat éigin thar do cheann ón sín: tímcheall air. Corruighimís má chorruighimíd in ao'chor, tá sé tar am codlata: ina diaidh. Obair thar na beartaibh atá déanta aige ar a ghiorracht aimsire atá sé ag gabháil de: gníomh iongtach. Gaibheann sé thar tigh agam gach aon lá dá shaoghal: chómh fada leis agus é d'fhágaint ina dhiaidh. Chuala sé an glisiam sa tigh is é ag gabháil thar brághaid: ag dul in aice an tighe agus ag imtheacht uaidh. Tar éis a tuigtear gach beart: nuair bhíonn an gníomh déanta is annsan, dar linn, is eól dúinn cad budh cheart dúinn a bheith déanta againn. B'é an lá é thar laetheantaibh an domhain, an lá tháinighis ar an saoghal: an lá cruinn díreach. Thar a bhfeacaís riamh tá sé agat!: is leór san. An t-anam thar gach nidh:

bí cúramach ina shábháil sin seachas aon rud eile. Indiu tá an t-aithreachas orm gur iomdha rud do dheineas thar crois m'athar: i gcoinnibh a chómhairle agus a órdughadh. An ndéanfá thar mo chrois é? nó an mbeadh sé de mheisneach agat?: d'aindeóin mo thola agus m'órduighthe. Ná trácht air sin in ao'chor fear thar fhearaibh atá ann, a Mhuise, nách mór é a chroidhe: fear iongtach ar gach slighe. Seadh, tá an cath san thart: an greas, babhta nó speal ar rud éigin te, imshníomhach. Fill, táir thar an áit: é fágtha id dhiaidh agat. Nílid lé moladh, nuair thosnuighid thairingeóchaidís an tuile thar n-a chéile: ní bheadh easmailt, achmhusán, aithis ná masla ná caithfidís ar a chéile. Scaoil thart an droch-aimsir sara dtugair fén bhfarraige: leig di imtheacht. Leig thart an duine agus déin do chúram féin: ná bac do: ná cuir isteach air ná aon stró. "Cuir thar an bád!" arsa mise nó báidhfir: cuir tímcheall í: athruigh a cúrsa. Ar chuireadar mórán airgid thársa faid bhíodar ag obair ar an luing?: ar shábháladar? Chuireas tharm an scian in áit éigin ná feadar: bhuaileas uaim í. Thabharfadh sé an lá ag cur tharais dá bhfaigheadh sé lucht éisteachta: ag cainnt is ag cadráil. Siúd í an bhean nách mór an mhoill uirthe obair do chur tháirsti: do dhéanamh. Buail thart i mball éigin chúlaisteach as an slighe na háruistidhe sin: cuir iad as an slighe uait. Fágaidís tháirse go fóill an méid sin: i leathtaoibh. Leigeas tharm ar an mbóthar é: dul chun cinn orm. Ní fhéadfadh sé a oiread do leigeant tharais: chaithfeadh sé cur isteach air, tagairt do, nó bacamhaint do ar chuma éigin nár bhain leis. Iompuigh thart orm, go n-innsead duit: tabhair t'aghaidh orm. Ar iompódh thart bhí sé bailighthe leis uaim: de gheit. Ar iompódh tharm ní raibh amharc lé fagháil agam air: ar chasadh tímcheall. An dtógfá é seo de rogha thar an gcuid eile: roim: an dtabharfá tosach do. Chuireas an t-urchar tharais: dá dhruim nó níos sia chun cinn. An diabhal rud a imthigheas tharais, ná go mbíonn a cheann sáidhte aige ionta: ní éaluigheann aon rud uaidh gan é do thagairt do. Cuireadh thar n-ais me leis an dteachtaireacht toisc ná rinneas mo ghnóth i gceart: filleadh ar an áit a fhágas. Baineadh an-dhroichthreascairt as, leagadh drom thar n-ais é síos isteach 'on ghleann é: taobh síos suas de. Ná fuil an fheóil sin thar a tógtha?: nách mithid í do thógaint, nó ná fuil sí tógtha cheana féin? Géobhad tharais, dá dtógainn ceann des gach aonnidh mar sin níor bheag dom de chúram iad: ní chuirfead aon nath ann. Is fada thar a clainn í: aimsir a clainne imthighthe. Dá mbeifeá ag cuardach choidhche ní fhéadfá dul tharais: ní bhfaghfá níos fearr. Is minic a deir duine rud thar a thuigsint, go mbíonn aithreachas ina dhiadh san air: tagairt do rud sa mhícheart is gan a fhios aige. Bíonn sé go maith lé n-itheadh úr, tharais sin beag-mhaith é: ar an dtaobh amuigh de san. Aon tsuaimhneas ná síothcháin ní bhfuair sé uathu, tharais sin agus uile bhíodh sé go fial agus go maith dhóibh: dá aindeóin sin. Earra mhaith seadh í, níl an luach thar ceart in ao'chor: níl aon rud breise uirthi. Tá dulta thar do dhícheall agat air ghá cháineadh, ach ní haon mhaith dhuit é: ní fhéadfá dul níos déine. Is minic sinn ag teacht thart (tharat) agus iongadh orainn cá mbír: tú dhá luadh againn. Ní maith leis bheith ag gabháil tharais: ag dul chun cinn air: ag dul trí n-a chuid talmhan: tosach do thabhairt do dhaoinibh eile air, etc. D'imthigh sé thar a shúilibh, nár bh'ait leat é, duine chómh géar leis: níor thug sé fé ndeara é. B'fhearra dho dhuine mórán mór dá gcloiseann do leigeant (scaoileadh) thar a chluasaibh, budh shuaimhneasaighe a bheadh a aigne: gan é féin do bhodhradh leó. Tharais sin ó thuaidh go hárd atá an t-oileán i gceist agam: níos sia. Ná téighir thar t'aoirde óir ná fuil aon tsnámh agat: níos doimhne. An bhfuil an tigh thar do shroichstint?: nách féidir leat é do cheannach? Cainnt thar meón a rádh lé béal éinne gur cladhaire é: cainnt gan deallramh. Budh mhaith an rud san béal do thabhairt do dhuine ach gan dul thar cailc: thar teórainn: ró-fhada, ró-dhian. An

bhfuilir thar a dathad?: níos aosta. Gheóbhair trácht tharais sin thall thar billeóig: ar an leathanach is giorra dhuit rómhat. Ná labhair, nílir thar sruth (áth, etc.) fós: as conntabhairt. Cuir an t-arm droichead thar abhainn: treasna. Tigh thar gort seadh é: ar an dtaobh thall den mbóthar, etc. D'ólfadh sé thar piúnt beathuisce in aon tsuidhe: breis agus. Ghaibh eiteallán thar anois: os cionn agus uainn. Bean atá thar mo chumas seadh í: tá sí ró-mhaith dhom. An bhfuil gach aon rud thart anois?: críochnuighthe: réidh: imthighthe go bráth. An tseachtmhain seo ghaibh thart do bhí sé ann: an ceann atá imthightthe. Dá mbeadh an cogadh so tharainn budh mhór an faoiseamh don saoghal é: críoch curtha air. Ná leig thar do chuimhne me do dhíol: cuimhnigh air. Ní fhéadfainn an focal san do leigeant tharm: gan é do thabhairt i dtreis. Glac tharat mise adeirim leat: ná bíodh aon bhaint agam liom. Tabharfad iarracht, bím fé nó tharais: éirigheadh liom nó teipeadh orm. Bíonn an galar san ag gabháil thart tímcheall an dtacaid seo 'e bhliadhain i gcómhnaidhe: ag imtheacht ameasc na ndaoine. Cuir cor den dtéid thart tímcheall do chuim: tímcheall ar fad. An rud atá thart anois fanadh sé mar sin: imthighthe. Níl a lá thart fós: tá tuilleadh gnímh ann. Chasas tharm ar mo sháil air: d'iompuigheas tímcheall. Cuir thart go fóill is ná labhair a thuilleadh: bí id thost. Scaoileas an buille thar mo dhruim: d'ísligheas uaidh, is d'imthigh sé follamh. Leag thart an bád: cas í is tabhair cúrsa eile ort féin. Buail thart do cheann ar feadh tamaill: sín is tabhair sos duit féin, nó tuiteadh néall tamall ort. Ní raghainn tharais, tá sé chómh maith lé héinne a gheóbhfá: ní raghainn ar lorg duine is fearr. Caith thar do ghualainn é sin is arduigh leat: cuir anáirde uirthi i slighe is go mbeidh cuid de ar sileadh ar gach taobh. Tharm thu: ní bheidh aon bhaint agam leat: siubhaluigh im threó agus ar an mbealach céadna uaim. A ghéaga thar n-a chéile aige is gothaidhe an domhain aige: treasna, fillte. Ní chuirfinn tharais é ná go ndéarfadh sé aon rud: is é an té is cosamhla a dhéanfadh a dhéarfadh é: ní bheadh a mhalairt de mhuinghin agam as. "Dá dtugadh Bálac dhamh lán a tighe d'airgead agus d'ór ní fhéadaim-se dul thar fhocal an Tighearna mo Dhia, do dhéanadh níos lugha 'ná níos mó" (Uibh. XXII. 18): a mhalairt do dhéanamh. An ndéanfá é sin tharm?: im ionad. Aon uair do thairngeófá chuige é bheadh scail tharais mar nách maith leis a chlos: labhrann ar a mhalairt d'fhonn is go dtógfaí aghaidh na caoraidheachta dhe. Dá mbeinn ag cur tharm ó shoin, ní bhfaghainn é: ag cuardach. Cheannuigh sé an áit thar a bharra: amach is amach. Déinidh scéal tharais de, tá bhur ndóthain ráidhte air: caithidh fé thóin cárta é. Buail tharm isteach: siubhluigh seach me. Chuala thar chómharsanaibh eile leis thu: thu ag tromaidheacht ortha.

taráthar: (**tarráthar**) *f.1.* úirlis siúinéara chun poll do dhéanamh (do threaghadh), níos mó ná gimiléad. Raghadh sé isteach i bpoll taráthair uaim: lé heagla rómham. Ní fhéadfainn-se faic do dhéanamh, tá mo mhéireanta i bpoll taráthair: ar a leithéid sin d'aiste ná fuilim i ndán aon rud do dhéanamh. Mo mhéireanta i bpoll taráthair lé dealbhas: ná féadfainn faic do dhéanamh. Cuirfead isteach i bpoll taráthair thu mara n-éisteóchair: cuirfead snaidhm ar do bhéal. Raghaidís trí pholl taráthair duit: táid chómh seang caol san.

tarbh: *f.1.* damh nó beithideach fireann gan coilleadh de chineál na bó, etc. Cómh láidir lé tarbh: an-láidir. Muineál tairbh air: reamhar, riastach, curanta, láidir. Tarbh róin: an ceann fireann. An tarbh, an laogh, 'san bhó: trí carraigeacha soir ó dheas ón Sceillig. É ag béicigh, budh dhóigh leat gur búirtheach tairbh a bhí aige. Chómh dána lé héadan tairbh.

Ní maith liom é, bíonn púic ar nós an tairbh air: cuma dhaibhceach, neamhchneasta. Búirth thairbh an dubhluachair: béic dhiamhair ag lorg bídh. Trí cómharthaidhe tairbh – súil teann, muineál reamhar, éadan dána. Níl sé breágh ná áluinn, tá éadan tairbh air: neamhshlachtar. Ní maith an mianach é, tá súil an tairbh istigh ina cheann aige: súil fhiadhain, nách aon iontaoibh í. Nách é an tarbh duine é: mór, groidhe, láidir gan bheith ró-chórach.

tarbhánta: *a. n-dh.* daingean, daibhceach, coimhtheach. An chuma tharbhánta atá air, ní mór ná go gcuirfeadh sé ar crith thu léi: coimhtheach, neamhchneasta. Chuir sé chuige go tarbhánta, budh mhar a chéile bheith ag gabháil air lé bata nó lé sop: go fíochmhar: cuthaigh. Níor bh'fhearra dhuit dul ina threis, tá súil tharbhánta istigh ina cheann: súil fhiadhain, neamhchneasta, choimhtheach. Thabharfadh sé fé aon rud dá eaglaighe bheadh, tá meisneach chómh tarbhánta san aige: ar nós an tairbh lé dásacht.

tarbhántacht: *b.3.* daibhceacht, coimhtheacht, fíochmhaire. Nuair bhíonn aon rud thiar aige bíonn tarbhántacht ag baint leis, agus níor mhaith liom aon bhaint do bheith agam leis: fíochmhaire lé mearbhall na dighe.

tarcuisne: *b.4.* easmailt, mí-mheas, an mhotháilt aigne a thagann dúinn ó aon rud suarach, sprionnlaithe, táir, cáineadh, dísbeagadh. Thug sé tarcuisne béil dom: cainnt a ghoill orm, a bhí i dtánaiste ceannfé do chur ar dhuine. Méid na haithne méaduigheas an tarcuisne: breis aithne is coidrimh againn ar rud nó ar dhuine a lughaide ár meas air. Thugais tarcuisne chainnte dho: cainnt go raibh easmailt innte: chun mímheasa do thabhairt do. Ní fhoidhneóchainn tarcuisne ó fhear is fearr 'ná thu: cainnt nó gníomh go mbeadh droich-mheas innte dhom. Is mór an tarcuisne don bparróiste gan sinn do bheith i leabhar ná i bpáipéar: dísbeagadh: cúis cháinte. Ghlacas tarcuisne lé n-a ráidhtibh me: easmailt: mhothuigheas gur aighneas gan mheas orm a tháinig uaidh. Budh tharcuisne liom me d'áireamh ina measc: b'adhbhar mí-mheasa é. Níl agam duit ach tarcuisne a rádh go leigfeá do bhuille lé héinne: tuigtear im aigne dhom gur duine táir thu. An mbeadh aon tarcuisne eile anois agat do thabharfá dhom?: aon rud sprionnlaithe ná suarach lé casadh liom budh chúis ceannfé do chur orm. Ná tabhair tarcuisne: ná habair is ná dein aon rud a ghoillfeadh ar mhotháilt dhuine. Níor dhein sé aon rud a bhéarfadh tarcuisne dho: a thabharfadh aithis do nó mí-mheas cháich. Is mór go léir an tarcuisne ort buadhachtaint ort agus an meas ar fad do bhí agat asat féin: adhbhar mí-mheasa. Lé tarcuisne dhom ná labharfadh sé liom: droichmheas.

tarcuisneach: *a.* táireach, easmailteach, masluightheach, cáinteach; sprionnlaithe, dealbh. Dá méid a bhfuil lé maoidheamh aige as a chuid airgid ní fheaca riamh air ach balcais tharcuisneach: scúighte, bocht, aindeise. Bíonn sé an-tharcuisneach nuair bhíonn braon ólta aige, níl aon ainm fén spéir ná go dtabharfadh sé ort: tagann cainnt easmailteach uaidh: cainnt ná bíonn cneasta ná taithneamhach. Deir sé nách fiú faic m'ainmhidhe, ní gábhadh dho bheith chómh tarcuisneach san: cáinteach. Nách é an pósadh tarcuisneach atá ortha, ní ghabhaid lé chéile ón chéad lá snaidhmeadh iad: náireach ós chómhair daoine. Ní fhéadfadh duine a bhéal oscailt ach mar bheadh sé ag treasnaghail ort go deiliúsach, an rud tarcuisneach: táthaireach.

tarcuisneamhail: *a.* maslamhail, oilbhéimeach, easmailteach. Is beag duine a fhoidhneóchadh leis an mbéal tarcuisneamhail atá air, an uile-charbhall uaidh teallaireacht é: maslamhail. Budh tharcuisneamhail liom a rádh leó nár ghábhadh an lán ar fad, nár bh'fhada roimis sin ó bhí na ceirteacha ortha: tuigeadh dom é do bheith ró-íogair dóibh. Thárla cainnt an-ghoirgeach eatartha, ní fheadar céaca budh tharcuisneamhla: b'easmailtighe: budh dhéine i ngarg-chainnt. Is tarcuisneamhail an gnóth dhuit rud do sciobadh as láimh éinne: beag-mheastamhail air. Aindeis a dhóthain orm me d'eiteach gan bheith tarcuisneamhail ina thaobh: a chur in iúil dom ná raibh aon cheart agam a lorg, nár bh'fhiú mé é, etc.

tarcuisnighim: *b.a.* masluighim, tugaim tathaoir, mímheas do, cáinim, cuirim míchéadfadh ar etc. Tharcuisnigh sé an saoghal mór in a óige is luigh leis an eaglais: níor fhan aon mheas aige air. Ní tharcuisneóchainn é leis an mbiadh suarach ná fuil a mhalairt agam lé tabhairt do: ní chuirfinn sa tslighe é go gcuirfeadh sé beag-mheas air féin aige. Tharcuisnigh sé an tigh ósda, an biadh is an freastal, ar a bhéal ní raibh a leithéid ar olcas fé cheithre chúinne an domhain mhóir: thug sé cáin cháile ortha: mhasluigh sé iad. Ná tarcuisnigh an saghas imeartha atáim i ndán a dhéanamh, me féin atá caillte leis: ná bí ag caitheamh mí-mheasa uirthi. Faid agus tá sé ina bheathaidh níor tharcuisnigh sé an bocht: níor chas sé a dhealbhas leis, ná ní dubhairt aon rud leis a chuirfeadh a anacair in iúil air.

tarcuisniughadh: *f.* (*-uighte*) dí-mheasadh, maslughadh cáile, aiste, etc., cáineadh. Scata breágh beithidheach aige ná féadfadh an té budh cheartéisighe a dtarcuisniughadh: a gcáineadh. Bír ghom tharcuisniughadh leis na cómharsanaibh, nidhthe dhá rádh agat leo go mb'fhéidir nár mhóide a meas orm mar gheall ortha: ghom dhísbeagadh. Go deimhin féinig, mhais, ní haon tarcuisniughadh air a rádh leis gur rud suarach é, mar is í an fhírinne ghlan í: cáineadh gan chóir.

tarcuisnighthe: *a.r.* masluighthe, cáinte, dísbeagtha. Is minic tarcuisnighthe i dtigh tábhairne é, ach ní dhéanfadh san an gnóth, bheadh sé ag tnúth choidhche: easonóir tugtha dho as bheith ag boladhghail tímcheall na dighe. Is maith tarcuisnighthe atáid ag a chéile ar an gcraolachán go haon oidhche: cáinte: masluighthe: éitheach is mí-bhearta curtha i leith a chéile aca.

tarcuisnightheóir: (**tarcuisneóir**) *f.3.* cáinteóir, aithiseach. Tarcuisnightheóir ar a dhigh atá ann: duine gur beag aige easonóir do thabhairt uaidh. Casann an tarcuisnightheóir a shrón ar gach aonnidh a ghníos nó adeir duine eile: duine ná bíonn aige ach táir do chách is don saoghal uile ach do féin.

tárgáil: *b.3.* ullamhughadh, cóiriughadh. Bímís ag tárgáil, níl puinn aimsire againn: ag déanamh luathuighthe: ag cur gach nidh i bhfearas. Na hiascairidhe ag tárgáil i gcóir na biadhaiste: ag cur gach ruda i bhfearas. Níl an phroinn réidh fós; táthar ag tárgáil chúiche: ag ullamhughadh.

targnamh: *f.1.* ullamhughadh, tiargabháil, gléasadh, fearastughadh. Budh thréan an targnamh cogaidh a bhí déanta aca idir armáil agus uile: cóiriughadh is ullamhughadh. Dá mbeadh aon targnamh déanta aca i gcóir an chatha thabharfaidís triail éigin uatha ach ní

raibh: fearas curtha le chéile aca. Beidh lán-targnamh déanta againn i gcóir gach broide: gach rud socair, réidh againn chun ár mbearta.

tárla: (**thárla**) *br. eas.* thuit amach, theangmhuigh (teangmháil), ráinigh. Thárla fear san áit seo na cianta ó shoin is níor thárla a leithéid eile ann ó shoin i leith ar fhéile is fhlaitheamhlacht: ráinigh sé do bheith ann. Ar thárla aon rud riamh is aite 'ná é?: ar thuit amach. "Is maith mar thárla", ar seisean "máighistir ag lorg buachalla is buachaill ag lorg máighistir": ráinig ar feabhas: thuit amach. Ó thárla an lá chómh haoibhinn raghad ar snámh: ós rud é go bhfuil sé mar sin. Ó thárla airgead agam ceannóchad gannaidhe bídh: ós rud é go ránguigheann sé agam. Mara mbeadh go dtárla rud éigin bun os cionn do do bheadh leitir tagaithe uaidh fadó riamh: gur theangmhuigh do: gur éirigh ósbairt nó mísheól do. Thárla im chómhairle ceanntair an bhliadhain chéadna: rud a bhí i dtreis dob eadh é. Thárla dho bheith ag dul thar claidhe nuair treascaradh é: sin é a bhí aige dhá dhéanamh ar an uain sin. Thárla ar meisce me, is ní cuimhin liom faic, ní raibh aithne mo bheart agam. Bhíos ag gluaiseacht 'sag gluaiseacht sa cheódh agus sa dhoirceacht in anacracht an chnuic go dtárla go himeall locha: go dtí go dtáinigheas. Ins an Daingean do thárla airéir: is ann do chuireas fúm. Ní thárla sé i mball ná i mbeárnain riamh orm an fear san adeirir anois: níor bhuail umum. Thárla cnapán mór ar a mhuineál, a bhí ag méadughadh leis gur b'é trúin bháis a bhí aige é: ráinig nó tháinig go raibh air. Thárla im dhuine bhreóidhte go maith an lá san: ránguigheas: sin í aiste a bhí orm. Ag snoighe an adhmaid, thárla an scian a bhí aige do dhul trí chroidhe a dheárnan: chuaidh lé cinneamhaint. Cad as go dtárla thu?: cad as go dtáinighis. Thárla mórán clainne ortha, leanann costas mór iad: tuiteann sé amach gur mar sin atá an cúrsa aca. Thárla dhá chéad árthach aoir os chionn na dúthaighe airéir ghá hionsaidhe: rud a bhí i gceist. Bhí sé ann agus thárla culaith bhreágh éadaigh air rud ná feacaidh Dia ná duine riamh roimhe sin: sin mar bhí. Ar thógaint mo chinn dom thárla bean ná feaca im shúilibh cinn riamh roimhe sin ina seasamh ós mo choinne ag amharc go cruinn orm. Ní nách iongadh fear éachtach mar thusa ní thárla a leithéid de bhotún duit-se riamh: ní ránguigh duit a leithéid do thuiteam ort. Éinne go dtárla ainmhidhe maith ar an aonach indiu aige gheóbhadh sé lán a chroicinn d'airgead air: gur bh'é a sheans do bheith aige.

tárlachtaint: *b.3.* do tuiteam amach, rángachtaint, bualadh lé chéile, teangmháil. Cad tá ag tárlachtaint san Afraic na laetheanta so? céaca taobh atá ag dul chun cinn?: ag tuiteam amach. Caithfear deireadh grod do chur leis an obair seo, tá sé ag tárlachtaint ró-mhinic: ag tuiteam amach. Is maith an tárlachtaint í i láthair na dighe: an bualadh lé chéile. Aindeise nó mío-ádh éigin air go mbíonn rud is measa ag tárlachtaint in aghaidh an lae dho (air): ag tuiteam amach air. D'fhógras air gan aon rud do thárlachtaint dá láimh a chorróchadh an fáisceán uirthi: do rángachtaint di: do theangmháil di. Tá rud ag tárlachtaint do dhuine riamh agus beidh go deó acht ní hionann san agus botúin trí fhaillighe gach ré sholais: ráinigheann dearmhad is mísheól do dhuine dá aindeóin, etc.

tárlamh: *f.1.* bualadh lé chéile, friotháilt, do thuiteam amach, do thárlachtaint. Cad tá ag tárlamh do in ao'chor lé déidheannaighe annsan, nár fhan aon mhaith chun scríobhnóireachta ann?: ag teacht anuas air: ag gabháil de. Sin dhá roth san inneall atá ag tárlamh ar a chéile, thabharfainn an leabhar, dá mbeadh a fhios agam cár cheart a gcur: a bhíos ag freagairt dá chéile. Dá mbeadh a fhios agam cad bhí ag tárlamh do, olc nó maith,

ní bheadh an oiread imshnímh orm: connus mar bhí ag éirghe leis. Sid é an chéad tárlamh riamh againn agus ní misde liom é, bhí cómhluadar suairc againn.

tarlóchtaint: *b.3.* bualadh lé chéile, teangmháil, tuiteam amach. Is minic achrann ag tarlóchtaint san áit ina mbíonn deoch: ag rángachtaint: ag tuiteam amach. Cad tá ag tarlóchtaint annso anois? cad atá ar siubhal eatartha? Bímíd ag tarlóchtaint ar a chéile go han-mhinic: buailimíd lé chéile. Níor mhaith liom-sa, go deimhin, aon rud do tharlóchtaint duit: do thuiteam amach ort a dhéanfadh do dhíth.

tárluighim: *b. n-a.* ránguighim, teangmhuighim, tuitim amach, buailim le, tagaim. Thárluighis díreach in am, tá an biadh réidh id chóir: ránguighis. Nár thárluighidh aonnidh dhuit a dhéanfadh do bhascadh: nár thuitidh amach ort. Cár thárluighis air?: cár bhuailis uime. Cár thárluighis ar an dté is é chómh tearc: cá raibh sé den ádh ort teacht air? Cá dtárluigheann an tinneas anois ionat?: cad é an treó go bhfuil sé ghod bhualadh? An dtárlófá liom sa chathair Dé Sathairn?: an mbuailfeá liom. Uaireanta tárluigheann rudaidhe aite: ná cuireadh nidhthe neamhghnátha iongadh ró-mhór orainn. Pé n-áit gur thárluigheadar ar a chéile, na cladhairidhe, nára buan é a gcoidreamh: gur chuireadar aitheantas. Is é fáth go dtárluighim-se annso go bhfuilim ar lorg airgid: go ránguighim, go dtána annso. Dá dtárluigheadh cóip den leabhar leat coimeád dom é: dá mbuaileadh leat: dá dtagthá treasna air. Má thárluigheann púnt breise agat caith é as do dhuadh: más rud é go mbíonn sé agat. Áit nár thárluigheas riamh ann: nár shroicheas. Is iomdha rud do thárluigheann don duine ó aois go bás: is iomdha san cor do thagann ar a shaoghal.

tárluighthe: *a.r.* buailte lé, tuitithe amach, ráinighthe. Do bhí an rud so tárluighthe ró-mhinic cheana dho agus é fógartha air deireadh do bheith ghá thagairt nár bh'fhéidir a leathscéal do ghabháil i gcómhnaidhe: tuitithe amach. Cad tá tárluighthe dhuit anois? an bhfuilir goirtighthe go mór?: éirighthe dhuit. Is minic tárluighthe i gCorcaigh orm an rud céadna san adeirir: imthighthe orm. Bád maith láidir fós í, níl aon rud tárluighthe dhi a chuirfeadh siar puinn í: osbairt nó cinneamhaint éirighthe dhi.

tarmghail: *b.3.* fuarmaghail, glór, bloscadh. Tarmghail an domhain ag an ngaoith ghránda aniar agus andeas ná leigfeadh sí néall ar do shúilibh: fuarmáil. Trucaillidhe is daoine síos suas thar doras ar feadh na hoidhche, is mara raibh tarmghail aca: glór trom, árd.

tarna: (**dara**) órd-uimhir a dó; go grod i ndiaidh an chéad chinn i sraith aon rud nó dhá rud; is giorra don gcéad rud in órd eaga; ag tárlachtaint ath-uair; an-chosamhail lé haonnidh. Dein an tarna huair é, is beidh a fhios agat an rithfidh leat: airís. Budh dhóigh leat ag cainnt ar chogadh dho gur tarna Roimil é: in aithbhreith. Agus san tarna dul síos inneosad duit go neambalbh ná fuil meas madra agam ort: díreach i dteannta a bhfuil ráidhte roime seo agam leat. Is tú an tarna duine adubhairt é sin indiu liom: do chuala ó éinne amháin eile rómhat é. An tarna cnoc is sia uait an ceann a mheádhaim .i. níl ach ceann amháin níos sia 'ná é. Sid iad an tarna feighre bróg caithte ambliadhna agam: feighre eile rómpa. Má chaillim an hata so níl an tarna ceann agam: a mhalairt. Sé an tarna baile i gCúige Mumhan é, dar liom-sa: ná fuil ach ceann eile níos tábhachtaighe 'ná é. An tarna rith plúir atá sa mhála san: cineál eile plúir níos fearr 'ná é ann.

tarngaireacht: *b.3.* fáistineacht, fáidheóireacht, cómhacht nidhthe lé teacht d'innsint roimh ré. Tá tarngaireacht aige má tá sí ag éinne, agus mé im rud bheag deireadh sé go bhfeicfeá an áit seo fós gan neach chun cómhnaidhthe ann, agus tá gach aon chosamhlacht ar a chuid cainnte. Sé ráidhteachas na tarngaireachta go mbeadh dhá thaobh an domhain ar a chéile atá tuitithe amach: an réamh-innsint ar na nidhthibh a thárlóchadh san aimsir lé teacht. Ná bí ag déanamh tarngaireachta dómh-sa: ná bí d'iarraidh dul amach ar cad thárlóchaidh dom.

tarngairim: *b.a.* labhraim, múinim mar dhéanfadh fáidh, réamh-innsim rudaidhe is teagmhais lé teacht, fáistnighim. Is minic a tharngairis dom go mbeadh an aindeise orm, is tá leis: a thuarais dom san. "Agus tusa, a mhic an duine, tarngair agus abair" (Esc. XXI. 28): inns roim ré.

tárnocht: *a.* gan luid éadaigh, gan giobal seoil. Cuir ort, a leinbh, is ná tabhair náire dhuit féin tárnocht mar sin. Dá bhfeictheá na seandaoine ag siubhal fé ualach ar ghéaránaibh cos-tárnocht seadh déarfá go raibh folg na mbonn: gan bróg, gan stoca. Budh mhór an néall a tháinig air gur imthigh sé ceann-tárnocht chun bóthair: gan luid ar a cheann: ina mhaoil. Mharcuighidís ar na ráiseannaibh úd drom-tárnocht: gan iallait. Thar éis an ghála bhí sé ag imtheacht leis an ngaoith tárnocht: gan seól ar bith.

tárnochtacht: *b.3.* nochtuighthe ar fad. Scannail a dtárnochtacht ar an dtráigh, an lucht snámha so: iad mar saoghaluigheadh iad.

tarr: *f.3.* íochtar cuirp, tón, bolg. Sínte siar ar a tharr anáirde: a bholg lé gréin. Tá sé chómh cliste, glic sin go meallfadh sé a tharr ón seangán: an liathróidín bhán a bhíos thiar ar a thóin: mheallfadh sé aon rud. Anois lé tamall ó leaghaidh an sneachtadh tá an Rúis is an Almáin i dtarr a chéile go dlúith: i gcoimheascar chruaidh, chealgach ag tnáthadh a chéile.

tarr-: *i gcfbh.* ag baint leis an mbolg. "Péirse i radharc go taidhbhseach, tarr-bhreac". Do bhris tarr-ghad na srathrach is iompuigheadh an t-ualach: an cuibhreach a bhí uirthi fé bholg an ainmhidhe. Eascú mhór, tharr-bhán: bolg-bhán. Girrfhiadh tarr-fhionn. Is dócha go bhfuilir chómh tarr-bhuidhe lé héinne dá mbeadh a fhios é: bolg-bhuidhe.

tarrachán: *f.1.* duine, ainmhidhe mór-bholgach, íseal, ainm táire ar dhuine. Fág as an slighe uaim, a tharracháin, ní lugha liom an sughadh ná thu: a rud shuaraigh. Cé thabharfadh faic do tharrachán mar thusa: ruidín tighearnamhail, suarach. Ní mór go bhfuil gluaiseacht na slighe ann, tá tarrachán ar fad déanta dhe: bolgtha, borrtha.

tarrachtain(t): *b.3.* do shroicheamhaint, téarnamh. Níl sé an dathad bliadhain in iomláin ach tá sé ag tarrachtaint air: ag druideam leis. Bí ag tarrachtaint ar an dtigh faid fhéadfair é, mo chómhairle dhuit: ag triall air. An bhfuil tarrachtaint ar mhíle púnt sa bhannc agat?: ag déanamh air. Bhrostuigheas a raibh im chroidhe nuair bhraitheas an namhaid ag tarrachtaint orm: ag teacht suas liom. Tar éis a dtarrachtana bhíodar chómh cortha san ag an mbóthar nár éirigheadar amanathar: a riochtaint.

tarradh: *f.1.* leacht reamhar dubh, righin is boladh láidir uaidh a fachtar as shileadh adhmaid agus mianach boircriadhach mar gual. Is minic do cailleadh caora cheal luach leathphingne ’e tharradh: oiread agus chómharthóchadh í. B’fhearrde é an ródh bó smearán tarraidh do chur fé: ádhbhar do chuimilt fé. Tarradh budh cheart do chur fé is é do dhóghadh! Budh ghránda, neamhthrócaireach an duaidhnéis an caipín tarraidh do chur ar dhuine.

tarraing: (**tarrac, tarrang, tarang, tairng, tairing**) *f.1. & b.2.* do chur iachall ar rud gluaiseacht ó ionad go chéile lé héigean de ghnáth i dtreó an ghníomhaidhe más seasta dho, nó ina dhiaidh má bhíonn ag gluaiseacht; contrárdha an fhocail sáthaidh; do bhreith ar rud teacht, taidhbhseamh, do sholáthar; do scríobh, do ríomhadh; do chrapadh nó do chasadh; do shughadh; do lamháilt don aer thrí mhúchán; cor éisc etc.; peictiúiridhe etc., do dhéanamh; do chur ar crannaibh; do nochtadh; do dhul fá dhéin, cúladh nó cúbadh; do dhiúgadh, do dhísciughadh; slabhradh nó a leithéid ar thrucail, etc. chun a tairrice, etc. etc. Leis an iomad san tairric tímcheall na gcloch níor bh’fhéidir aon tsnámh do dhéanamh: suathadh, borradh, bolgadh is ionfairt mhór na farraige. D’éirigh an tarraing chómh hárd san go raibh sé ag dul go féar glas. Cad tá ar an sobal tairric sin?: cad í an aimsir do thuarann an suathadh mór farraige sin? Gaibh na tairric: na slabhraidhe a bhíos ceangailte thiar ag bun na leathlaidhthe agus a théigheas amach go hamaidhe. Scaoil is gaibh arís, tá leath-tharraing ar an gcapall: ceann des na slabhraidhe níos giorra ’ná an ceann eile. Cad a chuir an leath-tharraing air? an amhlaidh a goirtigheadh é?: gan é do bheith chómh luaimneach as thaobh (cliathán) de leis an dtaobh eile. Níl ort ach leath-ghealars tá leath-tharraing ort: taobh ded thriubhas ar sileadh leat. Ualach chómh mór, trom san air go raibh leath-tharraing air aige: ná raibh sé ag gluaiseacht go seólta fé. Chuaidh díom an leann do tharraing as an soitheach mar ná raibh aon úirlis agam a thollfadh é: do bhaint as lé gaoith do thabhairt do trí pholl. Is ar an gceiridhe budh ghearr an mhoill an t-othar do tharraing as an gcneadh: do shughadh lé neart an mhianaigh a bhí innte. Maran b’é am duit é ar ádhmhaidin bheith ag cur na ndaoine ar barr ithreach is ghá dtarraing as na leapachaibh!: ghá gcur asta. Ag sáthadh ’sag tarraing atá mo shaoghal caithte agam, go bhfuilim meilte amach: ag obair ’sag saothar ar gach cuma. Ag tarraing phlúir atá an gluaisteán indiu: ghá iomchar ó áit go chéile. Gnóth an fhiaclóra fiacla do tharraing: do bhaint as an ndranndal. Ná bí ag tarraing do chos id dhiaidh: siubhal níos seólta: ná bídís ina stroill ar an dtalamh ag gluaiseacht agat. Ní hamháin go ngeóbhadh an fear san lán a shaic ort, dhéanfadh sé tu do tharraing ina dhiaidh sa lathaigh: lé neart bheadh sé ghod ghluaiseacht ar an dtalamh laistiar de. Caithfead dul chun cinn anois, ní fhéadfainn tarraing siar: cúladh: dul i ndiaidh mo chúil lém thoil. D’iarraidh airgid do tharraing as an mbannc, ach tá rud éigin sa treis nách féidir leis é: do thógaint as taisce. Chaitheas an t-aimeón aimsire d’iarraidh cúnntais éigin do tharraing as ach theip orm: do mhealladh as. Beirt ar dhá cheann téide d’iarraidh a chéile do tharraing: ceachtar aca d’iarraidh a chéile do ghluaiseacht ina threó lé neart. In ainm Dé, leig do agus ná bí ghá tharraing ort, mar nách aon dóichthín d’éinne é: ghá chur i dtreis leat chun achrainn nó clampair. Bheadh truagh agat do is buille ges gach éinne dhá tharraing air: iad ghá bhualadh gan sos gan truagh. Is mear é chun a bhuille do tharraing: tá sé pras chun duine do bhualadh. Bead ag tarraing ar an mbaile anois, is mithid é: ag triall air. Bheadh tarraing ar chéad púnt ann déarfainn, ar an dtoirt a bhí aige: isteach agus amach leis. Ní

tháinig aon tarraing fós as: níor baineadh faic as. Sid é an chéad tarraing ar (as) an bpíp agam: na chéad ghalanna. Tar éis an chéad tairric lín dhruideamair chun farraige: a dtógaint as an uisce. Bíonn tarraing siar ó dheas ós na fochaisidhibh ann: an mhuir ag sughadh is ag gluaiseacht sa treó san. Mara mbeadh tarraing a bheith ar airgead aige ní chaithfeadh sé an oiread san aimsire díomhaoin: dul ar a dhóthain de aige. Ar feadh uair an chluig bhí tarraing ar iasc ann: gheóbhfá é chómh flúirseach san agus breith air. Má bí a dhóthain d'ughaim tairric ar éinne riamh tá sé ort-sa anois maireachtaint i rith na broide seo: a dhá dhóthain lé déanamh. Ól an té sin nó beidh sé gan mhaith, tá sé ar tarraing annsan ó mhaidean: an sughlach ag sughadh as na billeógaibh lé cómhacht an uisce the. Cuir an té ag tarraing: scaoil uisce te ar an luibh agus leig do an sughlach (suiméar) do shughadh aiste. Má bhíonn sé in áit beidh sé aige siúd mar tá sé ábalta air é do tharraing: do ghnóthughadh lé gníomh. Ar a tharraing atá a shábháilt anois agat: táir i gcruadhchás ceart agus is lé saothar thar barr a éireóchaidh leat. Bíodh tarraing agat as an mbuidéal so, ach ná téighir ró-dhian air: slogadh. Bheadh tarraing mór éisc ag éinne a bheadh ann leis an ionbhaidh indiu: cor. Is éachtach an tarraing agat tríd an anaithe seo: an obair atá déanta agat agus sroicheamhaint mar dheinis. Bheadh tarraing ar thé anois dá mbeadh sí flúirseach: glaodhach, trácht. "An dóigh leat go mbead luath mo dhóthain?" – "beidh sé ar a tharraing agat": ní gan mothalughadh maith do dhéanamh a éireóchaidh leat. Ar thu tharraing anuas chuige ní dóigh liom go ndéanfadh sé aon mhaith: trácht ort. Ní fuláir nó is mór an cion atá aige ort is a mhinicighe é ghod tharraing anuas: ag déanamh tagairte dhuit. Dá mbeadh aon tarraing ar an airgead agam, níl, ach ag mnaoi an tighe, ní raghfá dealbh: dul air. Sin seól ná fuil tarraing gaoithe ann: é déanta ar chuma go sughfadh sé an ghaoth is go gcoimeádfadh. Bhíos ag tarraing na gaoithe chómh cumhang is d'fhéadas d'iarraidh teacht ar an gcaladh den scríb sin: ag bearradh chómh geairrid ina súil agus b'fhéidir. Ná cloisim an phíp sin ag tarraing gaoithe: aer ag teacht in ionad gail. Bítear ag síor-tharraing as is gan ag cur faic ann: ag árdach chun siubhail as: ag tógaint. Cá bhfaighinn é mara ndéanfainn é do tharraing as mo thóin: níl aon dul agam air mar ná fuil agam. "Connus tá aige san aimsir anacair seo?" – "ag tarraing leis mar fhéadann": ag strácáil leis an saoghal. Dá mb'áil leat gan tigh chómh muirearach leis do tharraing ort: cur chun a thógtha nó a cheannuighthe. Sin é atá agat de bharr an duine mhalluighthe sin do tharraing ort – fiacha is clampar: tu dot chur féin i dtreis leis: aon bhaint do bheith agat leis. Dá mbeadh aon tarraing mór ag an luing ní thiocfadh sí cois calaidh ann, áit éadoimhin atá ann: aoirde mhór ge n-a cile san uisce. Ag cur na té chun tairric: ag leigeant don uisce te an suiméar do shughadh aiste. Táid ró-óg fós, nílid chun tairric dóibh féin: ábalta ar a slighe bheathaidh do dhéanamh. An bhfuil do chlann go léir chun tairric anois?: i ndán déanamh dóibh féin. An long ag tarraing chun cuain fé rop seóil: ag stríocadh: ag gluaiseacht fé réim. Raghaimíd chun na bpotaidhe do tharraing féachaint an bhfaighimís aon ghleamach: do thógaint aníos ó thóin puill. Is diail é, i gcómhnaidhe ag tarraing chun an tighe: ag breith rudaidhe ann. An saghas beathaidh atá dhá chaitheamh agat, tá sé ghod tharraing chun droch-shláinte: ghod bhreith ina treó. Má leanair dá chuideachtain sin beidh sé ghod tharraing chun droichbhéas: ag tabhairt taithighe dhuit ortha. Is amhlaidh mar tá agam ná féadfainn seasamh níos sia, táim dhá tharraing as a chéile ag obair is aindeise: dhá stracadh. Tóg mó chómhairle-se, ná tair eatartha, leig dóibh é do tharraing ó chéile: pé conspóid nó clampar atá eatartha, socruighidís féin lé chéile é. Cómhacht éigin ag tarraing na beirte againn ar a chéile: ghár gcur i gcómhluadar nó i gcoidreamh a chéile. Chun sibh do tharraing ar a chéile atá sé, ná tugaidh aon chluas

do: d'iarraidh buadhartha is achrainn do chur ar bun. Tá sé ró-láidir dom, dhéanfadh sé mé do tharraing as a chéile: greamanna do dhéanamh díom: gabháil pic orm. Tá ag dul díobh réidhteach, is táim ar mo dhícheall d'iarraidh iad do tharraing chun a chéile: muinnteardhas, margadh, cleamhnas, etc. do dhéanamh. Dá mbeidís ag tarraing lé chéile, is treise do bheidís: ag aontadh is ag cómh-chabhradh. Bítear ghom tharraing trí chéile sa tigh sin go minic: ag trácht orm agus ar mo chúirimidhibh. Ag tarraing an tsaoghail mhóir thar a chéile seadh chaitheann sé a shaoghal: ag trácht is ghá chur trí chéile. Ní fhéadfá gan tarraing treasna orm, pé rud a déarfainn: treasnaghail orm. Díreach agus me ag tarraing mo chuid éadaigh umum thuiteas im phleist lé mearbhall cinn: ghá gcur orm. Ní haon mhaith bheith ag tarraing fé bhun céad púnt do air: ghá chur fé n-a bhrághaid mar luach. Ní fiú an suarachán ainmhidhe an méid sin do tharraing air: do chur fé bhrághaid an té atá ag díol lé n-a ghlacadh nó a dhiúltadh. Dhéanfainn an croiceann do tharraing díot: d'fheannfainn thu: ní fios cad é an díoghbháil cuirp ná déanfainn duit. D'at a chosa is níor bh'fhéidir a bhróga do tharraing de: do bhaint de lé neart tairric. D'aon tarraing amháin chuir sé an buidéal síos go dtí n-a leath: slogadh. An mbéarfair leat an féar ar fad de tharraing lae: an méid a bheadh iomchartha ó áit go chéile in aon ló. Cad tá ghod tharraing san áit sin? ná fuil a fhios agat nách maith dhuit é: ghod shughadh: a chuireas mian ort dul ann. Bhíos ghá tharraing abhaile, ach ní thiocfadh liom: d'iarraidh a chur air teacht liom. Cad chuir an tarraing suas air? an iomad feóla?: múchadh: cosc nó duadh anáile. Aon tarraing siar ní dhéanfadh sé ar an méid a dubhairt sé dá mbaintí an ceann de: aon chúladh: aon leathscéal do ghabháil. Tarraing siar mór déanta ag an arm lé dhá lá: an t-ionad a bhí aca fágtha is iad dulta ar gcúl. Chuir sé tarraing capaill d'iasc ar a dhrom chuige: ualach. Bíonn tarraing tríd mór sa tsiopa chéadna, ní dheaghas riamh isteach ann ná go bhfeicinn mórán ag ceannach 'sag díol: gritheal gnótha. Do tharraing aniar! tá san déanta go hiongtach agat: mo chuisle thu! togha fir! ar fheabhas. Ní fhéadfadh sé a cuid fola do tharraing ina ceart, sin é fáth nách mian leis cur chun a marbhtha: í do sháthadh sa tslighe is go silfeadh sí a cuid fola ar fad. Ní fada is buan anois í, tá sé ag tarraing na hanáile: níl innte ach an déith. Caithfead an obair seo do thréigean, tá sí ag tarraing an phobail orm: í ró-dhuaibhseamhail dom. Ná bí ag tarraing an phobail orm: ná bí ag tabhairt íde dhom, etc., go n-iompóchadh caoraidheacht na ndaoine orm. Caithfear an bád do thaoscadh go minic tá sí ag tarraing (uisce): tá léic innte: tá sí fliuch. Caithfear clódh níos fearr do chur ar an ndoras san, tá sé ag tarraing ghaoithe: siolla ag teacht in áit éigin go bhfuil cnag nó scoilt. "Bhíodh iarlaidhe ag tarraing tar tuinn ann 'san tAifreann binn dá rádh": ag gluaiseacht anall. D'aithneófá ar an ngob atá uirthi gurb é cúram is mó uirthi bheith ag tarraing na gcomharsan trí chéile: ag cainnt 'sag tromaidheacht ortha. Bíonn siad ag tarraing leó i gcómhnaidhe: ag árdach rudaidhe chun siubhail. Gach nduine ag tarraing uisce chun a mhuilinn féin: ag cur a bhearta féin chun cinn. Bíonn tarraing na dúthaighe ar an dtráigh sin sa tsamhradh: bualadh mór – sluaighte – daoine ag triall ann. Má tá tarraing chuige aige is breágh dho é: má tá sé acfuinneach fé mhaoin. Scannruigh an fear buile a raibh ar an sráid, a ghunna ar tharraing aige: ullamh chun caithte leis. Chonnac ag tarraing go tiugh i gcoinnibh na taoide iad, d'iarraidh teacht as an sruthlam: ar rámhaidheacht ar dalladh. Súmaire diail i mbun siopa seadh é níl aon tarraing daoine ann: aon bheith air go n-iompóchadh na daoine ar thrácht leis. Sean-dhiabhal capaill é sin ná fuil aon tarraing ann: é de neart ann ualaighe do stracadh ina dhiaidh. Is é is fearr annso dréir na n-ughdar chun peictiúiridhe do tharraing: do líomadh lé peann, scuaib, etc. An gléas maith an grianghrafadh san agat chun peictiúiridhe do tharraing?: do thógaint.

Bíd go minic ghod tharraing chúcha liom: ag cur do thuairisce: ag trácht ort. An tslighe bheatha atá aige ní bhfuair í gan a tarraing go cruaidh: a tuilleamh. Ní bheadh san aige mara mbeadh é do tharraing go cruaidh ós na daoinibh eile: do thuilleamh lé n-a chuid alluis. Beidh ort é do tharraing tríd an dteine: a dhuadh d'fhagháil ó thalamh. Níor mhian liom aghaidh a caoraidheachta do tharraing orm, bean nimhneach seadh í: gan aon bhaint do bheith aice liom ná lém chúrsaidhibh. Ag tarraing an airgid aníos as mo phóca dhom shleamhnuigh cuid de uaim. Chuaidh sé go mór as an mbiadh lé déidheannaighe agus tá sé ag tarraing: caolughadh: lomadh. Ná bí ag tarraing bruighne dómh-sa, téighir léd chómh: ag cur troda orm, diúltadh nó gabháil léi do dhéanamh. Bhíomair ag cur dinn ar feadh an lae gan srian do tharraing: stad. Budh gheairrid air scian do tharraing: do thógaint amach is bagairt nó sáthadh léi. Uisce do tharraing as an dtobar: do thógaint lé calán, caidéal etc. Caithfí me do tharraing ann: níl aon fhonn orm dul ann. Níor dheacair a shúil do tharraing uirthi: é do chromadh ar shuim do chur innte. Bhíos d'iarraidh é do tharraing i leathtaoibh chun ruda éigin d'innsint do: é chur air me do thionnlacan. Raghad ag tarraing na míre: ag triall ar an ádhbhar atá ag teacht chugham. Bhíodar ar a ndícheall chun a chéad bhraoin fola do tharraing: an chéad bhuille do bheith go maith aca. Claidhe do tharraing idir an dá fheirm: do thógaint ar fhaid na teórann. Is fearr dhúinn páirtidhthe do tharraing: é do chur ar crannaibh, etc. cé hiad a bheadh ge n-a chéile. Dubharthas leó tarraing tímcheall na teineadh: bailiughadh tímcheall uirthi. Dá mbeadh sí ghá tarraing féin dom ní dhéanfainn a leithéid lé cailín. Na crainn do tharraing as a bpréachaibh, ón stúmpa: do stathadh. Ag tarraing na hanairte fén luing: ghá ghabháil fé n-a chulaithirt: seól. Ag tarraing leitreach chun an aire ag lorg airgid air chun bóthair do dhéanamh: ghá cur lé chéile. B'fhearr liom leigeant dos na madraidhibh é do tharraing leo ná é do thabhairt do: aon chrích dá olcas ach gan é do bheith aige. Dá mbeadh aon tarraing mór ar an ngual aca ní bheadh an oiread de fágtha fós: caitheamh: ceannach: tógaint. Buaileadh ar a shuidhe agus ar a thuath é ar sháthadh agus ar a tharraing etc.: ar a thóin, ar a cheann, teannadh sall agus stracadh anall. Dubhairt an máighistir liom bád do tharraing ar an gclár dubh: clódh nó dealbh báid do líomadh lé cailc etc. An t-ualach ag tarraing snáithínidhe an droma as: é ag luighe go háidhbhéil orm. Leig dom m'anál do tharraing: aer do shughadh isteach im scartachaibh go nádúrtha: sos do thabhairt dom. Tá an obair seo ag tarraing na gcaolán asam: ag goilleamhaint go trom orm lé n-a déine. Níl ins na hainmhidhthibh tar éis an gheimhridh ach a rádh go bhfuilid ag tarraing a ndeiridh ina ndiaidh: iad dearóil, seirgthe. Ag tarraing a uchta don sín: ghá thabhairt ina threó. Gan aon chúram sa tsaoghal bhraonach so air ach ag tarraing a bhuilg don ngréin: é ghá ghoradh féin léi ar a thoil. Ag tarraing as leabhar éigin eile bhí sé agus ag leigeant gur ag scríobh as a stuaim féin do bhí: ag bradaidheacht air: ag tógaint as. Mara bhfuil cainnt ar tarraing aige ní lá fós é: ar a chur go flúirseach. Ag tarraing chainnte asam ataoi: d'iarraidh me do chur chun cainnte dem aindeóin.

tarraingeach: (**tairriceach**) *a.* i ndán tairric, mealltach, cnuaisciúnach. Capall tarraingeach go maith atá agam: ábalta ar ualaighe maithe d'iomchar ina dhiaidh. Cailín an-tharraingeach atá innte, níl aon óigfhear sa cheanntar ná go bhfuil ghá héileamh: meallta, so-amhairc. Bhí tarraingeach ar an bplúr, níl puinn i dtaisce againn agus tá sé gann: cnuaisciúnach.

tarraingim: (**tairrigim**) *b.a. & n-a.* gluaisim im dhiaidh lé neart, staithim, stracaim, sughaim; silim, diúgaim; nochtaim, beartuighim; buailim, tugaim fé; ríomhaim, líomaim; sroichim, druidim lé; cúlaim. Spaid fir atá ann, ní thairringeóchadh sé scadán den ngríosaigh: é chómh lag san. Tarraing chugat é má tá sé agat: bain áis as. Thairring sé chuige a scian agus ghearr sé an fheóil léi: thóg amach í. Cé thairring an scian chuige?: cé thóg amach í chun sáidhte, gearrtha, etc.? Ní thairringeóchadh sé aon scéal eile chuige ach é dá mbeadh sé ag cainnt choidhche leat: ní thráchtfadh ar faic eile. Im bhrághaid ná im bhéal, i mBéarla ná i nGaedhealaing níor thairringeas chuige thu: níor luadhas t'ainm leis. Thairringeamair chughainn paca cártaidhe agus chromamair ar imirt: thógamair amach: chuireamair: radharc iad. Nuair dubharthas leis go raibh an t-éitheach aige is tapaidh do thairring sé chuige is ní dubhairt focal eile: chuaidh sé ina thost. Thairringeas chugham an daradha chómh tiugh in Éirinn is d'fhéadas, nuair bhraitheas breac ar mo dhubhán: ghluaiseas im threó lé neart mo lámh. Má theipeann air siúd tairringeóchaidh sé ceárd nó ealadha éigin eile air féin: chuaidh sé ina treis: chrom sé uirthi chun slighe bheathaidh do dhéanamh do féin aiste. Maran deas na béasa a thairringis chughat, budh cheart duit náire do bheith ort: do chromais ar chleachtadh. Tairring chughat do chosa: isteach i dtreó do chuirp iad as an slighe. Tairring chughat an chainnt sin, mar ná fuil aon deallramh léi: cúl í. Ní thairringeóchair do theanga choidhche chughat: ní staonfair de bheith ag cainnt go mí-cheart. Thairringeóchadh an tsruth san chúiche thu lé n-a neart dá dtéightheá ró-gheairrid di: shughfadh. Tairringimís chun na talmhan faid bheidh solas an lae againn: gluaisimís fé n-a dhéin. Tairring chun mullaigh é, tá sé árd a dhóthain: crom ar é do chaolughadh is do thabhairt chun barra. Cé thairring chun bóthair indiu?: cé mheall é nó a chuir air dul ar bóthar. Tairringeóchaidh an droich-bhiadh san chun aicíde sibh: cuirfidh sé ionaibh í má leanann sibh ghá itheadh. Má fhéadair é tairring chughat féin ná bac mise: bain amach chun do leasa féin. "Tairring chughat as do thóin thiar é!" ag éitheach duine nó lé duine gur cheart do féin an rud a iarrann do bheith aige féin. Má thairringir ort me, is mé an sagart udhachta a bheidh ort: má spreagair me: má chuirir orm in aon tslighe ná taithnigheann liom. Tairring ort slighe bheathaidh éigin eile seachas feirmeóireacht mar ná fuil aon tuisgint agat uirthi: crom ar ealadhain, gairm nó céird éigin eile. Is iomdha rud do thairringeann an duine féin air a fhéadfadh sé a sheachaint: go gcuireann sé clampar air féin leis. Sin airgead agat is tairring air: tóg, caith leat é. Tairring ar do phíp nó múchfaidh sí ort: bain gal ar ghal aisti. Má thairringir ar mo mhadra is tinn duit: má bhuailir é. Tairring ar an dtéid: gluais chughat í: ciorrbhaidh í: congaibh teann í. Tairring ar do mhaididhibh anois: rámhaidh, nó déin duit féin feasta. Ná tairring ró-mhór ar do phóca maran gábhadh dhuit é: ná caith an iomad as. Tairringimís ar an dtigh, is mithid é: gluaisimís fé n-a dhéin. Ní thairringeóchadh sé air (a chuid éadaigh): ní chuirfeadh air. Thairringeas orm suas: chuireas orm. Is iomdha gleótháil nár ghábhadh dhom do thairringeas orm: go ndeaghas ina threis: go raibh baint agam leis. Má thairringir bean (pósadh) ort féin, caithfir malairt clóidh do chur ort féin: má chuirir rómhat é. Ná tairring ar a chéile iad, mar ní bheadh suaimhneas ná síoth againn: ná cuir ceangailte as a chéile iad. Cé air gur thairringis an scéal so? ort féin?: an tú féin an snáith atá ag rith tríd?: an ort féin do chumais é? Tairring ort éadach na leapan ón bhfuacht: clúduigh thu féin leis. Thairringeóchainn ort-sa dá mbeadh ceal orm: d'ionsóchainn do chabhair. Tairring an seól uirthi: árduigh é. Pé rud a dhéanfair ná tairring do leadhb orm: ná hionsaidh me léi. Mara mbeadh a luaithe do thairring sé an scian ar an dtéid bheadh a béal buailte fén mbád: thug sé stracadh obann léi, a ghearraidh roimpe. Thairringeadar a

gcloidhte ar a chéile: d'ionsaidheadar a chéile leo. Thairringeóchadh an t-atúrnae a udhacht do: scríobhfadh amach í mar b'áil leis go dleaghthach. Thairringigheamair a raibh d'anairt ar bórd fúithi: bhuaileamair uirthi an uile shlat di. Níor thairring a cheiridhe braon, fuil ná uisce as an gcneadh: níor shughaidh amach. Tairringeadh an dealg as bhonn mo choise, is ní gan pian é: baineadh amach. Ní mór ná gur thairring an dochtúir an corrán asam i dteannta na fiacaile: gur strac: ghoill an gníomh go mór orm. Is geall lé capall é siúd lé neart, thairringeóchadh sé crann as a mháithreachaibh: bhainfeadh sé aníos as an dtalamh ón bpréimh íochtaraigh é. Ní thairringeóchadh Éire aon rud as a bholg: ní scarfadh sé lé haon rún: ní féidir éachtaint ar aon rud d'fhagháil uaidh. Tairringeadh asam an fhínéacht san lé bagairt is bascadh: baineadh dem aindeóin díom í. Thairringeóchadh an cladhaire sin asat a bhfaigheadh sé ionat: bhainfeadh d'obair asat. Ní mór ná go dtairringeóchadh neart na gréine ann an t-anam asat: lagóchadh sí thu: ní fhágfadh anam ná brigh ionat. Fé mhaidean do thairring an t-arm as agus thriall go hionad eile: chúladar: thréigeadar an áit a bhí aca ar son a mhalairte. Cuirfir do cheann in áit éigin uair éigin ná tairringeóchair as é: déanfair thu féin do chur in achrann ná féadfair thu féin do réidhteach as. Chuaidh an capall ar lár ach tairringeadh é: tugadh ar thalamh chruaidh é. Thairringeóchadh sé an tuile thart dá bhfaigheadh sé an chúis ort: níl gníomh ná cúis go raibh do shinnsear cionntach ann ná go gcuirfeadh mar achmhusán leat. Tairringimís ar an té is lugha déanamh: baineadh gach éinne againn cárta as an bpaca féach cé hé go mbeadh an cárta ísle dréir ball aige. Thairrngeóchainn dréacht an cheanntair duit amach as mo mheabhair chinn: líomfainn é lé peann, peann luaidhe, cailc, etc.: dhealbhóchainn é. Dá dtairringeóchadh capall an choill mharbhóchadh aon ualach amháin é: a stathadh ina dhiaidh lé n-a neart. Ós cainnt (scéal) do thairringeann cainnt (scéal). Éist leis an rud a thárla dhómh-sa, ar an gcuma gcéadna nách mór: a chuireas ar siubhal. Ná bíodh faitchíos ort go dtairringeóchad siar anois: go gcúlfad: go raghad i gcois, ar mo thóin san méid atá ráidhte agam nó a chuireas rómham do dhéanamh. Tairring siar as san go maith, mar is beag eile lé fagháil agat: bain siar as: bí coigilteach ina thaobh. Cá bhfaighinn-se airgead? cad as go dtairringeóchainn é: go soláthróchainn é. Thairringeadh sé airgead maith i gceann na seachtmhaine i gcómhnaidhe: bhíodh tuarastal maith ag teacht chuige. A bhfuil aige is as an dteine do thairring sé é: is go cruaidh agus go dian do ghnóthuigh nó do thuill é. Ná tairringidh as a chéile me, duine dhom chur annso is duine agaibh dhom chur annsúd: ná baintear asam oiread agus ná féadfainn teacht air. B'é a bhí uaidh go dtairringeóchainn mo chuid airgid as an mbannc: go dtógfainn as taisce é. Tairringeóchair na cómharsain orm mara n-éistighir: cuirfir ag tógaint cinn díom iad, agus aghaidh a gcaoraidheachta orm. Sin é, bí ag gabháil de is tairring ort é: spriog é i slighe is go mbeidh sé crosta, go ndéanfaidh sé clampar, etc. Tairringeóchaidh an droch-chómhluadar san chun mío-ghníomh thu mara seachnair iad: treóróchaid: béarfaid chuige thu. Cé hé thairring anuas m'ainm-se i dtreis an ruda so?: cé thrácht orm? Thairringeadar isteach chun an bhúird: do dhruideadar i gcómhgar do. Má tá airgead agat, anois an t-am agat, tairring amach é is cuir geall asat féin: tóg é as pé áit taisce atá agat. Ná tairringtear as an gcoca san go dtí thar éis na Nodlag: ná baintear aon fhéar as. Thairringeas chugham mo leabhar is shuidheas cois teineadh go seascair ghá léigheamh: fuaireas é. Marar tairringeadh a dhóthain air mar áit, nár ghabhaidh Dia aige é: cuireadh suim áirighthe airgid mar luach leis chun diúlta dho nó glactha leis. An gcreidfeá go raibh sé de mheisneach aige gur thairring sé dhom dul leis: gur chuir dubhshlán troda fúm. Thairring sé airgead dhom: chuir sé in iúil dom gur bh'fhéidir liom

é do bheith agam uaidh má budh mhian liom é. Thairring sé do ón riaghaltas: lé hiarratas, léidhe do bheith leis, sholáthruigh sé dho é. Is é a thairring an rás go cruaidh: a bhuaidh é. Tairring fada ar an méid sin anois, sin a bhfuil lé fagháil agat: bí cúramach, coigilteach i dtaobh na slighe a chaithfir é nó a bhainfir áis as. Tairringeóchair go caol anois é: caithfir gan puinn raidhse é. Thairringeas díom mo bhróga is mo stocaidhe faid bheifeá ag féachaint thart: staitheas: bhaineas díom. Tairringimís fúithe a bhfuil d'anairt ar bórd: árduighimís a cuid seólta. Cad thairring an mhallacht so orainn?: cad is bun lé hí do theacht? Thairring sé malairt slighe chuige chun a dhéanta: d'athruigh sé a shlighe. Ná tairring aon achrann eadrainn: ná bí mar chúis achrainn againn. Cad thairring síothcháin eatartha sa deireadh?: cad a dhein í? Cé thairring isteach mise ann?: cé chuir mise i dtreis ann, a mheasc me ann? Tairring do chapall chun cinn beagán: gluais sa treó san é. Tairringeóchaidh an cogadh céadna gorta idir threabhaibh: beidh sé ina chúis gorta: tiocfaidh sí dá dhruim. Ar thairingis an tsean-táille fós?: an bhfuilir in aois dleaghthach a fhaghálta. Is iomdha pinginn reamhar a thairring sé riamh as a chnámhaibh: a thuill sé leó. Ná tairringidh eadraibh me, ní mian liom aon bhaint do bheith agam lé nbhur ngnóthaidhibh: ná meascaidh me ionta. Thairringeóchaidís idir chapaillibh thu dá bhfeadaidís é: stracfaidís as a chéile thu: dhéanfaidís ceathramhna dhíot. Tairring leat é, beag dá chumha orm-sa: lean ort léd chuid díoghbhála. An dtairringeóchaidh an ghaoth chun na talmhan, an dóigh leat?: an aistreóchaidh sí? Thairringeas umum mo bhalcaisidhe faid bheifeá ag rádh, "haon, dó": chuireas orm iad. Ná tairringeófá leabhar air, b'fhiú dhuit é?: é do scríobh ar a imtheachtaibh. Ar thairringis áit éigin eile annsan ort nuair nár fhéadais dul chun cinn sa treó san?: ar thugais fé ghabháil slighe eile. Thairringis go mór, ó chuadhais 'on arm, d'imthigh an fheóil bhog díot: chaoluighis. Thairring an líon am éigin den oidhche: d'fháig sé an t-ionad ina raibh sé ar fionnraighe ag an ngaoith nó ag an dtaoide. Thairring an t-ancaire is caitheadh an long ar an dtalamh: do bhog a ghreim is ghluais thíos ar íochtar na farraige. Tairring siar, ní fhéadfá an cárta san do bhualadh: cúb chughat é. Tairring siar ón dteine, namhaid, etc.: druid. Thairring sé amach a raibh aige: d'fhoillsigh sé é. Thairringeadar a gcloidhte: do sciobadar as a dtruaillíbh iad chun cómhraic. Ní thairringeóchaidh an té sin choidhche i gceart gan spré dhearg do chur fén bpota: ní bhainfidh an t-uisce an bhrigh is an scabhárd ar fad as an luibh. Tairringeóchaidh do chuid cainnte achrann, adeirim leat: tiocfaidh sé dá druim. Tairringeann an fheóil cuileanna na dúthaighe tímcheall na háite: meallann. Ó, a mhic ó, níor thairring riamh fir óga i gceart ar shiopa cailín dathamhail do bheith ann: níor shúghaigh: níor bheir dóibh teacht ann. Fonn an domhain do bhí air dul ann ar a bhéal, ar a shon san thairring sé suas ar an nóimint dheireannaigh: chúl sé: stad sé de dhul ar aghaidh. Tairringeochaidh an long suas leis an gcaladh: sínfidh ar a faid leis. Ní thairringeóchair an baile choidhche ar an gclódh atá ort: ní shroichfir: ní bhainfir amach. Tairringeóchaidh an taoide soir siar thu, tá sí ró-láidir: beidh sí mar mháighistir ort. Sin seól go bhfuil droichdhéanamh air, ní thairringeochaidh sé gaoth go maith: ní bhaileóchaidh chuige. Ní fada uait an bás, tairringeadh duine éigin t'udhacht: scríobhtar duit connus is maith leat cúram do mhaoine do chur díot. "Tabhair dom gal" – "tairring as do bhúndún thiar é": beir dhá cheal uaim-se. Tairring!: strac, stoith, teann, rámhaidh, etc. Fan uaidh agus seachain é nó tairringeóchaidh sé an dlighe ort: béarfaidh sé nó a fheádhanna chun cúirte thu. Ná tairring anuas ainm Dé, míle buidheachas leis, ar rud chómh suarach lé scilling: ná bí ag móidiughadh. Má tá airgead agat, tairring aniar asat anois é: teasbáin é: bain áis as. Tairring amach do chapall agus bain babhta ráis as: beir as

an stábla etc. é. Tairringeadh sé as a ghéagaibh anois é, táim-se réidh leis: saothruigheadh do féin. Tairringtear as san an rud salach san, is ná bíodh sé os chómhair na ndaoine is boladh uaidh: stractar as an slighe é. Dubhairt sé leis mara dtairringeadh sé siar an carbhall ná fágfadh sé aon fhiacal ina cheann gan smiotadh: mara gcúlfadh é. Cad thairring a leithéid de dhonas orm?: cad budh bhun lé n-a theacht orm? Tairring agat féin fiacla má táid ag cur aon tinnis ort: do chuid féin. Cad thairringis do ar an sean-rothar?: cad é an luach a luadhais leis budh thoil leat do thabhairt air.

tarraingthe: (**tairringthe**) *a.r.* gluaiste chun an ghníomhaidhe lé neart etc., sínte, faduighthe, liomtha, graftha, scríbhte, deilbhthe, ríomhtha; caithte, seirgthe; críochnuighthe, sroichte; aistrighthe, fachta, líomhtha. Aghaidh tharraingthe ar an bhfear caol árd úd d'aithneófa í ameasc na gcéadta: caol, tanaidhe, lom. Tarraingthe go maith atáim tar éis an lae mhóir fhada gan sos: caoluighthe, suaidhte ag duadh. Is maith tarraingthe atá sé anois thar éis an chatha breoidhteachta san: seirgthe, croithte. Is déanta fuinnte an cailín í, nách í atá go tarraingthe: crot is clódh líomhtha uirthi. Is é a bhí go tarraingthe fé n-a chulaith bhreágh éadaigh ag an Aifreann: cuma mhaith, sho-amhairc air. Tarraingthe ar nós an chapaill ráis: cuma líomhtha ar an gcorp. Tá sé tarraingthe agat: tá do thriall sroichte agat. Dá mbeadh sé tarraingthe agat fé mar tá aige siúd: céim fachta agat, nó rud éigin gnóthuighthe lé hinchinn nó saothar. Is cuma dho, tá aghaidh na ndaoine tarraingthe air anois is ní féidir iad do chur ina choinnibh: iad báidheamhail leis: iad ag déanamh tráchtála leis, etc. Cad tá tarraingthe agat ort féin anois?: cad tá déanta agat nó cad atá curtha rómhat agat? Ní maith an tslighe bheathaidh (iascaireacht) atá tarraingthe aige air féin: curtha roimis maireachtaint uirthi. An bhfuil tarraingthe ar an dtéid agat?: an bhfuil sí teannuighthe? Tá tarraingthe ar an uile phinginn dá chuid airgid aige: é tógtha as thaisce aige nó caithte. Cad é an mhaith bheith ag gabháil air, ná fuil tarraingthe i gcródh an chinn fiche uair air is aon bheann níl aige air: é buailte. Beidh sluagh na sráide tarraingthe agat orm mara n-éistir, nó labhairt íseal is gan bheith ag callaireacht: bailighthe im thímcheall lé caoraidheacht. Is iomdha rud neamhghábhtarach tarraingthe agat ort féin léd linn: curtha chuige: dulta ina threis. Dá mbeadh buataisidhe maithe láidre tarraingthe suas air ní bheadh aon bheann ar an uisce aige: curtha, fáiscithe. Táir tarraingthe chuige aige míle turus: i gcómhnaidhe ghod mholadh: tá sé labhartha ort. Ná bíodh aon eagla agat roimis sin sa toghadh, tá sé tarraingthe suas: stadta de dhul ar aghaidh. Bhí an capall san lé bheith ag rith ach tá sé tarraingthe siar: éirighthe as an rás. Tá an t-arm tarraingthe siar ameasc na gcnoc chun breis seasaimh do thabhairt uatha: cúltha. Aon fhocal dá ndubhart níl tarraingthe siar agam: cúbtha chugham. Is fada go raibh an bád úd ar an bhfarraige, tá sí tarraingthe suas ar fad: tógtha i dtír. Ná bac san, níl aon droch-chlódh anois ortha, tá tarraingthe chun cinn go maith lé tamall aca: éirighthe nó dulta chun: feabhas tagtha ortha. Dá mbeadh an teanga tarraingthe as! budh mhór an bhail don ndúthaigh é: stractha, staithte. Dá bhfágtaí an t-ualach tamall beag eile orm bheadh snáithínidhe an droma tarraingthe asam aige: bheadh mo dhrom goirtighthe, leónta. Ní mór ná go bhfuil an anál tarraingthe asam, tá an oiread san duaidh beartha orm: í múchta ionam. Tá na cliatháin tarraingthe súighte go maith aige thar éis a bhliadhna: an teinne imthighthe asta lé strus oibre is duaidh. Tá breis agus dhá míle púnt tarraingthe ar an dtigh is a leanas é, ach ní scarfadh sé leis: luaidhte mar shuim-luach chun a cheannuighthe. Níl aon phioc dá shnódh is dá ghnúis ná go bhfuil an bás tarraingthe air: scríbhte air: é lé feicsint go soiléir. Is dócha go bhfuil sé tarraingthe go maith ar na trí

fichid: druidte leó. Cainnt an-ait ar fad atá tarraingthe agat ort féin anois, nách eól duit í bheith tarcuisneach?: go bhfuil cromtha agat uirthi. An bhfuil aon bhraon tarraingthe as an soitheach fós?: bainte as. Níl diúir braoin id chois anois ná go bhfuil tarraingthe aiste ag an gceiridhe: súighte: leigthe. Is fada me tarraingthe as an obair sin anois, níor dheineas pioc di lé fada: me éirighthe aiste. Cad as go bhfuil uisce an bhaile mhóir tarraingthe?: beartha trí phíopaidhibh. An bhfuil an tigh tarraingthe fós aige?: sroichte. Is fiú thú an duais seo mar tá sí tarraingthe go maith agat: tuillte: saothruighthe, oibrighthe ar a son. Dá mbeadh an choill tarraingthe tar éis na seachtmhaine agam an buidheachas céadna dhom dob é é: obair dá dhuaibhseamhla. Budh mhinic mo chluasa tarraingthe ag an máighistir gan puinn cúise: beartha ortha agus stathadh maith, láidir bainte asta. Cad tá tarraingthe eadraibh anois go bhfuil an callán go léir ar siubhal?: éirighthe eadraibh a ghníos buadhairt. Táim tarraingthe chun drochshláinte ag an ndroch-uisce sin: i ndiaidh a chéile chuir sé orm í. Mo thuairm-se go bhfuilir tarraingthe chun an diabhail gen ndream aimhleasta san: seólta chun an donais. Ar maidin nuair ghlan an ceódh bhíomair tarraingthe go hárd chun na farraige: sinn árduighthe chun siubhail ag taoide nó gaoith. Lé déidheannaighe táir tarraingthe chun creidimh, chidhim ag dul go teampall anois thu: claonta ina threó. 'Sé tuairm na bhfear go léir go bhfuil an bád ró-tharraingthe chun deiridh: ró-chaol dá cabhail. Táim tarraingthe chun deiridh go mór ambliadhna, ní raibh aon an-rath orm: curtha siar i maoin nó i bhfoillse. Bhíodar tarraingthe chun bídh nuair bhuaileas chúcha isteach: suidhte chuige. Níl an scéal tarraingthe chugham ag éinne fós, sin é an chéad fhocal de do chuala: níor thrácht neach air. Is minic tarraingthe chugham tú agam chuige: do luadhas t'ainm nó rud éigin id thaobh. Tarraingthe go B'l'Áth Cliath me aca lé cleasaidheacht: meallta: me gluaiste aca ann. An phíp do sháidheamair i bpoll an adharta is í tarraingthe go tóin againne, garsúin a bhí tosnuighthe ar thobac: a raibh innte ólta. Nách é do pheictiúir atá tarraingthe go caithiseach: do chosamhlacht ann go soiléir deagh-dhéanta. Barrántas tarraingthe fé láimh an ghiúistís ag cur iachall air teacht i láthair na cúirte: scríbhte agus séaluighthe. Ní raibh a udhacht tarraingthe go dtí lá a bháis: scríobhta in órd dréir a thola. Go dtí go mbeadh an fheóirling dhéidheannach tarraingthe aca asat níor dhóigh leis na scriostóiridhibh go mbeadh leath a ndóthana aca: fáiscithe amach asat. Tá an croidhe tarraingthe asam fadó riamh, níor fhan preab ná cor ionam: an iomad buaidheartha beartha air. An bhfuil an chré go léir tarraingthe?: aistrighthe as a hionad go hionad éigin eile. Ar an gcuma go bhfuil an ghaoth ar an bhfuinneóig tá sí tarraingthe siar breis: druidte: aistrighthe sa treó san. Airgead atá tarraingthe gan puinn dá dhuadh atá aige: fachta as áit éigin. Na crainn tarraingthe ón bpréimh ag an ngála: staithte: stracaithe. Tá an tuile tarraingthe tharm aige: íde bhéil uathbhásach fachta agam agus achmhusán ar a dtáinig rómham. Budh dheacair dhom a bhreithniughadh ina cheart mar bhí a binn tarraingthe aniar ar a haghaidh aice: casta: a haghaidh foluighthe aice léi. Ní raibh sé ach tarraingthe thar droichead agam nuair scuabadh chun siubhail é: curtha dhíom agam. Dá mbeadh sé tarraingthe as an dteine agat, mar tá sé agam-sa, bheadh a fhios agat cad is conntabhairt ann: an bheart déanta go guaiseamhail idir éigean bháis is bheathaidh. An seic atá tarraingthe agat dom?: scríobhtha im ainm dom. Scaoil amach an té, is mithid do bheith tarraingthe, aith-tharraingthe: é bheith ullamh, oireamhnach lé n-ól. Táim tarraingthe as a chéile ag an saoghal: é do bheith ró-mhaith dhom ar gach cuma.

tárrtháil: *b.3.* sábháil, saoradh, foirthint, slánughadh. Bád tárrthála: bád déanta go speisialta chun anam do shaoradh ar longaibh raice. Tabhair lámh thárrthála annso liom tá so ró-throm dom chun a thógtha: lámh chabhartha. Tair chun mo thárrthála tá greim daingean annso orm: chun fóirtheana do dhéanamh orm. Ag tárrtháil anam na bpeacach atá an duine bocht riamh: ghá stiúradh ar Dhia is ar na flaithis. An féidir aon tárrtháil do dhéanamh air? nó an bhfuil sé imthighthe chun an phota ar fad?: aon tsaoradh. A Dhia, mo thárrtháil: slánughadh. Déin tárrtháil uirthi ón bhfear san atá d'iarraidh í do bheith aige: fuascailt.

tárrthadóir: *f.3.* (**tárrthálaidhe**) slánuightheóir, fuascalthóir, cosantóir, cabharthóir. Dia mo thárrthadóir in am mo bhroide: an té a thagas chun mo chónganta. Ní fhéadfaidh éinne a shéanadh gur maith an tárrthadóir i dtigh é, is iomdha rud maith bheireann sé leis ann. Ní raibh tárrthadóiridhe againn in aon am broide: lucht cabhartha.

tárrthálach: *a.* cabharthach, cóngantach, fuascalthach. Garsún maith tárrthálach é sin ní bhuaileann leisce ná díomhaointeas é: cabharthach, coingheallach. Is maith tárrthálach an rud braon beathuisce nuair bhíonn fuacht is fliuchán ar dhuine: cóngantach; shaorfadh duine ó thaom. Bí tárrthálach dom, a Dhia, in am mo riachtanais: fuascalthach.

tárrthuighim: *b.a.* saoraim, fuasclaim, cosnaim, saothruighim. Cé thárrthuigh thu ach mise, a scraiste, nuair bhís dhá mhúchadh sa díg?: a thairring amach thu. Má bheireann aon ghreim choidhche ort, éigh orm agus mise an fear a thárrthóchaidh thu: a fhuasclóchaidh thu. Fear carthannach atá ann a thárrthuigheas gach éinne go mbíonn easbhaidh ná ceal air: a thugas cóngnamh do. Deir an Almáin más mar seo thárrthuigheann Sasana an Rúis ar uain a broide bheith ghá bpléascadh féin ón aer ná fuil ann ach giobaireacht gan éifeacht: a thagann sí chun a chónganta. Tárrthuigh thu féin ar an ngorta léd dhóthain do chur: cosain thu féin. Pé buadhairt ná clampar a bheireas air tárrthuighim i gcómhnaidhe é: fuasclaim as a chruadhtan é. Go dtárrthuighidh Dia sinn agus críostaidhthe bochta an domhain: go gcosnuighidh is go saoraidh nuair is gábhadh é.

tart: *f.3.* mian nádúrtha chun leachta; an mhothúilt a leanas tréanas fada ar ól, miandúil chun ólacháin. Níor fágadh ocras ná tart orainn aca: fuaireamair biadh agus deoch go leór uatha. Is duine me do chéas an sean-thart tráth: tart marthannach. Tart a ghní tart: dá mhéid d'ólfadh duine de dhigh mhearbhaill seadh is mó a dhúil innte. Tart deireadh an óil, brón deireadh an ghrádha: an fonn 'san dúil chéadna airís ar dhuine chuige, dá mhéid a ólann. Bhainis slogóg mhaith as, ní fuláir, nó bhí leath-thart ort: fonn maith chun dighe. Deoch roim thart deoch i ndiaidh tarta agus deoch in aghaidh tarta: gan aon easbaidh dighe do bheith ar dhuine. Bíonn tart gan tréigean air: fonn chun óil do shíor. Caith chugham deoch tapaidh, tá tart an bháis orm, go saoraidh Dia sinn: tart uathbhásach. Táim ar buile le tart: táim nách mór sciocuighthe. Múch do thart leis sin: sásaimh é: bain díot é. D'ith sé iasc guirt, is tá íota tarta air: tá sé sciocuighthe 'e cheal dighe. Ná cuir tart ort féin ag cainnt leis sin, is mar a chéile é nó bheith ag cuimilt do mhéire de chloich: ná suathaidh. Lé teas na gréine is me an lá go léir ar an bhfarraige bhíos píopuighthe leis an dtart: tachtuighthe leis. Ólaimís deoch an tarta ná tháinig: ag ullamhughadh ina chóir. Tart fheidhlim air sin, mara chéile bheith ag taoscadh dighe chuige nó dá scaoileadh le habhainn: íota nách féidir do mhúchadh. Chuir an fheóil ghuirt spalladh tarta orm: tart a

bhí ag éigheamh ar dhigh. Tart an fhíona indiu ort, a bhuachaill: an t-íota a leanas a dheasca. Galar gan náire tart nó ocras acht buaidheann ortha grádh is tochas: b'fhéidir go bhféadfadh duine breis cheilte ar an gcéad dís ach an tarna dís ní féidir. Ní tart ná ocras atá air, is cad tá air?: cá bhfuil cúis a ghearáin. Tá tart chun fola tagtha ar an saoghal ar fad: dúil mhairbh chun marbhtha. Ní féidir a dhóthain dighe do thabhairt do, tá tart na breóidhteachta air: spalladh lé duadh tinnis. "Agus do bhí tart uisce ar an bpobal; agus do rinneadar an pobal ithiomrádh a naghaidh Mhaoise, agus a dubhradar, créad fáth dtug tu leat sinn suas as an Éigipt, d'ár marbhadh, agus do mharbhadh ár gcloinne agus ár n-áirneise lé tart?" (Eacs. XVII. 3): lé fonn chun dighe is gan í lé fagháil. Budh ghradhain iad ár sinnsear budh mhór é a bhfulang go minic fé thart agus fé ocras: ceal na dighe is an bhídh ortha. Scaoil orm deoch tapaidh, tá sé ráidhte riamh gur galar gan náire grádh nó tart: cuirid iad féin in iúil go neamhchúthail. Gach tart le teas: ón dteas a thagann an fonn mór chun na dighe. Cá bhfuil a chúis gearáin níl tart, oighear ná ocras air: níl ceal dighe, bídh ná eadaigh air. Gléas tighe chun a bheith buan, bean chruaidh is fear gan tart, cupán beag is gan é lán, is a leigeann ar chlár i bhfad: fear ná bíonn dúil i ndigh mhearbhaill aige. Tart madra lá báistighe: cóir ar é do mhúchadh. Tart an bruach leanna: an deoch ann ach gan lé fagháil. Níl aon tart chun do choda orm: aon fhonn faic leat do bheith agam go neamh-dhlistinneach. Mara bhfuil tart san aimsir seo, féach ar an dtalamh ina bhalc: tiormach cruaidh. Is mór an tart a bhí sa talamh nár dhéin báisteach trom na hoidhche airéir aon rian d'fhágaint: tiormacht chómh mór san gur shúigh sé an uile bhraon. Do shíor is do ghnáth ag léigheamh, is mór an tart chun eolais é: fonn mór is dúil. Tart gan traochadh ort maran agat atá an dúil i leann: nách féidir do shásamh. Fear an tarta go deó: is ró-mhór an truagh é.

tartamhail: *a.* cíocrach, díoghraiseach, a ghníos tart. Is tartamhail an rud bheith ar an bhfarraige lá te: chuirfeadh tart ar dhuine. Is é an t-iasc is tartamhla sa bhfarraige é: is mó a chuirfeadh tart ar dhuine. Ní heól dom neach is tartamhla chun Gaedhealainge 'ná é, bíonn sé do shíor ar thóir na breise dhi. An-thartamhail chun oibre, ní féidir a dhóthain di do thabhairt do: dúlmhar: scubhtha chúiche. Ná bí chómh tartamhail chun airgid is beidh aigne níos suaimhneasaighe agat: chómh cíocrach. Beir leat gur tartamhail an rud an iomad cainnte do dhéanamh: go ngní sé call lé digh.

tartmhaire(acht): *b.4. & 3.* aiste tarta. Tartmhaireacht an éisc ná réidhtigheann lém ghoile: an fonn chun dighe a leanas é. Seadh, d'ólfainn braon, tá tartmhaireacht orm: dúil cun dighe. Tá tartmhaireacht sa lá indiu: chuirfeadh a thiormacht is a theas dúil nádúrtha na dighe agat.

tartmhar: *a.* spallta, tiormuighthe, tirim. Is é an fear is tartmhaire sa cheanntar é: is mó go leanann fonn na dighe é. Níl aon áit ina mbíd ná go ndéintear an t-ólachán ann, dream tartmhar mar iad: an dúil mhairbh do shíor san ól aca.

tásc: *f.1. & 3.* cúnntas, fios, ráfla; clú, cáil; eolas. Ag lorg a mhadra is gan tásc a dhatha aige: a fhios cad é an dath é: lorg in aistear. Ón lá a chuir an long chun farraige ní bhfuairtheas tásc ná tuairisc uirthi riamh ó shoin: fáisnéis ná cúnntas. Ná hoscail-se do bhéal in ao'chor, mar tá do thásc go maith agam-sa agus níor bh'fhearrde thu a scaoileadh: do stair: eólas ort. Fear táisc é sin, is deacair é do cháineadh: go bhfuil a cháil

go hárd. Sé a thásc ar fuaid an cheanntair nách ró-mhaith an earra é: an cháil atá scaipithe air. An tásc céadna atá ges gach éinne air, agus is maith é: an teist. Tabharfad a thásc go cruinn duit: cunntas: an fhaisnéis cheart. Léigheas tásc a bháis ar an bpáipéar: fógra.

táscaim: *b.a.* aithrisim, innsim, ríomhaim. Táscfad do cháil ó Chaiseal go Bóinn: tabharfad tuairisc uirthi dos na sluaightibh. Táscfar fós dúinn i bhfírinne connus tá an cath so ag dul: inneósfar.

táscamhail: *a.* áitrighthe, clúiteach. Tír tháscamhail i dtaobh a cuid léighin: a hainm go fada agus go fairsing. Beathuisce tháscamhail na hÉireann: a chlú go fairsing. Uiscidhe táscamhla ar leigheas cnámh is goile: áitrighthe.

tástáil: *b.3.* fromhadh, triail, cur chun, scrúdughadh. Ní fheadair éinne cad é an neart atá ann mar ná raibh aon tástáil cheart riamh air: triail: níor déineadh aon éileamh air go mbeadh air a neart do theasbáint. Ní maith an earra é, tá tástáil mhaith agam-sa air: chonnac a ghníomh is níor mhaith é. "Cad é an saghas uisce é sin?" – "tá a thástáil in aisce agat": blais é is beidh a fhios agat. Ná bíodh aon eagla ort go gclisfidh an duine sin ort, is minic tástáil air: a bhí air a fhoillsiughadh cad é an saghas mianaigh atá ann. Bhíomair ghá thástáil féachaint an dtiocfadh sé: ghá bhrath chun cad a bhí ar a aigne d'fhionnadh. Ag tástáil an droichid go mbeadh a fhios aca cad é an t-ualach a iomcharóchadh: ghá fhéachaint leis. Thugas fé ndeara ag tástáil na dighe é sarar ól sé puinn di: ghá blas. Nuair bhí an tástáil ar na fearaibh b'shiúd é an chéad fhear chun catha: nuair cuireadh an t-éileamh ortha. Ní i ngearradh na bollóige atá a tástáil ach in a h-itheadh: a gheibhtear amach cad é an mhaith atá innte. Dá mbeadh tástáil agat air ní bheifeá chómh cainnteach air: taithighe ar an mianach atá ann, olc nó maith. Bain tástáil as an gcapall sara gceannuighir é: cuir chun ruda éigin do dhéanamh é a fhoillseóchaidh duit cad é mar shaghas é. Bead ar mo thástáil fé scrúdughadh ambáireach: gheóbhad cao ar m'eólas do chur in iúil. Bíodh sé ar a thástáil anois aca: féachaidís leis. Tástáil mhaith go leór ar fhear dul gan biadh gan deoch ar feadh lae: slighe chun a fhoillsighthe cad é an fulang agus neart atá ionta. Anois an t-am agat tu féin do thástáil má tá meas fir agat ort féin: tú féin do chur i slighe a fhoillsighthe lé seasamh fir do dhéanamh. Ag tástáil an chapaill lé céachda: féachaint connus oibreóchadh agus d'iomcharóchadh é féin ghá tharrac.

tástálaim: *b.a.* fromhaim, cuirim chun bearta rud. Ar thástálais an té sin fós?: ar bhlaisis é féachaint an olc nó maith é. Tástáil an dtabharfadh sé aon airgead ar iasacht duit?: loirg air é go mb'fheas duit eiteach nó a mhalairt a gheobhair. Táim-se cortha aice mar imirt, tástáil-se anois: féach-sa an éireóchadh leat aon bheart do dhéanamh uirthi. Is minic minic a tástáladh é is níor thug deoch ar cáirde riamh uaidh: do cuireadh chun eitigh é. Tástáil do dhuine muinnteardha sara dteastóchaidh sé uait: faigh amach an dtabharfadh nó an eiteóchadh. Tástáil an peann so b'fhéidir gur fearr do scríobhfá léi: déin iarracht léi. Is minic do thástálas mé féin ar shnámh is níor éirigh riamh liom: do chuireas rómham é. Fé mar theipeadh air thástaladh sé airís: thug sé iarracht eile fé n-a dhéanamh. Áird-fhear, tástáladh go maith thu, mhais: cuireadh chun do bhearta thu: bhítheas an-dhian ort. Tástáil léigheamh, má tá sé deacair féin: tabhair fé, iarracht air. Thástálas fém

mhéireannaibh an raibh nó ná raibh an cnámh briste: bhraitheas lé luighe leó. Tástálfaidh sé gach tigh sa cheanntar d'arm: cuardóchaidh.

tástálta: *a.r.* triailte, curtha chun gnímh, blaiste, cuarduighthe, braithte, etc. Is minic tástálta aige me agus níl de mheisneach aige dul liom: mo neart braithte aige. Capall tástálta seadh é: capall atá curtha trí n-a ughamachaibh: a ghníomh fromhtha. Ní fheadar cad é an saghas bídh atá aca, níl sé tástálta fós agam: blaiste, ithte. Deoch seadh é atá tástálta go maith: triail bainte aiste. Imireóiridhe tástálta an uile fhear ar an bhfuirinn: a ngníomh déanta go maith aca. Dá mbeadh an duine tástálta againn, ní fios dúinn fós an ndiúltóchadh sé nó ná diúltóchadh: é curtha chun eitigh. Tá an talamh tástálta go maith aca: agus tugann sé furmhór a dteastuigheann uatha: curtha, saothruighthe.

tát: *f.1.* (**tátall**) tuairim; teacht ar thuairm tar éis ruda do bhreithniughadh; tuar; fáidheoireacht. Cad é an tát a bhainir as an méid seo – tá mórchuid saighdiúiridhe tagtha 'on cheanntar de dhruim oidhche?: cad í do thuairm as an méid sin? cad do gur tuar é dar leat? Ar an gcuma d'iomchair sé é féin sé tát a bhaineas as go raibh sé ar meisce: sin é bun: brigh. An mbainir aon tát as an gcainnt sin?: má tá aon bhrigh léi an bhfuil aon tuairm agat? Is iomdha tát do bainfí as a fhanacht sa bhaile – gan é bheith ar fóghnamh, atharrughadh, etc.: brigh do bhaint as a bheart.

táth: *b.3.* loca nó glac arbhair, fuilt, lín etc. Bain táth as an punainn: ádhbhar mór léas. An bheirt bhan i mullach a chéile is gach re táth ghruaige dhá stracadh aca: lán glaice. Bailigh na táthanna atá tímcheall an ghuirt tar éis an cheangail: léasacha. Cuir táth ghlas ar na gleamaigh is eadh is sia a mhairfid: glacanna féir a stracfaí den dtalamh.

táth: *f.3.* do chuibhreach lé goradh, do dhlúthughadh go daingean, cómhbhrughadh. Bíonn obair ar sclátaidhibh iarainn plainnc luinge do tháth ar a chéile go mbíd díon-uisce: do cheangal isteach ina chéile nuair bhíd dearg. An talamh atá tógtha ag an namhaid dhá tháth aca: ghá ndaingniughadh féin isteach ann. Thángadar i gceann a chéile chun a nirt do tháth níos fearr i gcóir a namhad: do bhailiughadh is do dhlúthughadh. É ag imtheacht ina mhaidrín lathaighe ina measc d'iarraidh é féin do tháth eatartha: a ghreim d'fhagháil ina gcómhluadar. Tá an chré seo ina táth, ní fhéadfainn a baint as a chéile in ao'chor: dlúithte.

táth-: (**táith-**) *i gcfbh.* righin, srumach, dlúith, ceangailte; fada, scothach. Arán táith-fhliuch ní íosfadh na cait é: an iomad taois tais ann. Aimsir tháith-fhliuch ná tiormóchadh faic léi: trom, ceodhmharánach, tais. An bheirt aca san chómh táith-cheangailte i gcladhaireacht ná fuil fios a rúin ag neach: cuibhreach láidir, do-scaoilte eatartha. Táth-chuibhreach ge n-a mhnaoi fé, ná féadfadh sé cor do chur de féin: greim daingean, dlúith aice air agus smacht. Iad chómh táth-dhlúithte is tá an tuairgín is a chos: chómh do-scaoilte. Nách táith-ghreamuighthe atáid idir mhairtéal agus chloich go mbriseann an chloch níos túisce ná scarfaidís: chómh ceangailte ina chéile nách féidir a ndeighilt. Táth-charraig ná bogann síon ná farraige: go bhfuil a greim go dlúith i dtalamh. É sínte go fuar is táith-leac ar a cheann: leac nách féidir do bhogadh. Is righne chun gluaiste é 'ná an táith-fhéithleann: ras greamuighthe go bhfásann na mileanna gabhair air. A folt táth-fhada: a dlaoithe ar sileadh léi. Budh thaithneamhaighe gan aon ruibe do bheith air 'ná é

do bheith táth-mhaol: tor beag anáirde ar a phlaicide. An folt mín táith-leabhair: ar nós síoda.

táthach: *a.* dlúitheach, ceangailteach. Taos ró-thirim ní bhíonn sé táthach: claon lé ceangailt dá chéile. Tá glóthán táthach go maith: dlúitheach. Is táthach liom mar tá sé lé n-ár gcuideachtain: dlúith-leanamhnach.

táthadh: *f.1.* (*-ththa*) cómh-dhlúthughadh, do chóimhghreamughadh lé goradh, do leaghadh. Is mór go léir an fonn táththa atá aice leis: ceangal i bpósadh. Ní mór an táthadh atá dulta ar an sneachtadh, tá sé ina chnocánaibh fós: leaghadh. Dubhairt sé liom an snáthach do tháthadh as a chéile: an snáthach a bhí in achrann do bhaint is do réidhteach as a chéile. A thuilleadh teineadh ar an oighean, níl aon táthadh ar an mbollóig: aon chruadhadh ná fáscadh ar an dtaos, é chómh tais agus nuair do cuireadh síos é.

tathag: *f.1.* neart, fulang, toirt, scabhárd. Ní mór an tathag id bheart, is beag an garsún ná hiomcharóchadh é: neart, toirt nirt. Ná tairring ar an éill sin ró-láidir, is furaiste a briseadh, níl aon tathag innte: scabhárd: reimheadas is righne. Braith idir do mhéireannaibh é, gheóbhair ná fuil aon tathag ann: tá sé an-dhearóil. Ná bíodh aon mhearbhall ort ná go bhfuil tathag ina ghéagaibh siúd, féach ar an gcrot atá ortha: neart agus fulang. Éadach gan aon tathag seadh é, tá sé chómh tanaidhe le billeóig eidhneáin: fulang ar chaitheamh. Dá mbeadh aon tathag id bhuille mharbhófá é mar nach mór an tathag ann féin: aon fhuinneamh, mar nách mór an fulang ann. Ar an gcrot dearóil atá air ní fuláir nó is biadh gan tathag atá dhá fhagháil aige: gan aon oileamhaint cuirp. Nuair rugas isteach air cheapas gur cheart dom é liocughadh im bhaclainn, ní bhfuaireas aon tathag ann: aon achmhaoin. Dá mbeadh puinn tathaig ann ní dhéanfadh beagán fuachta puinn díoghbhála dho: achmhaoin is fulang. Ní bheidh aon tathag choidhche ann is baoghalach, tá sé an-lom, an-chaithte: é bheith mór a dhóthain go mbeadh a fhios agat neart do bheith ann.

táthaidheacht: *b.3.* aiste bheith nó claon le táthach; do dhlúthughadh, do ghoradh is do chóimhghreamughadh; dul ina chéile. An chloch 'san t-aol ag táthaidheacht: ag dul i gcóimhghreim. Mo chroidhe briste aca d'iarraidh táthaidheachta do dhéanamh eatartha, is ní féidir é, táid chómh silte ó chéile is d'fhéadfaidís do bheith: iad do thabhart in aontacht is i bpáirteachas. Choidhche ní fhéadfadh aon táthaidheacht do bheith idir sinn agus Sasana, táimíd chómh fada ó chéile is tá an réiltean ón Spáinn: aontadh.

táthaire: *f.4.* duine a dhlúthuigheas iarnaidhe etc. lé chéile, a chuireas goradh suas; duine deiliúsach nó gearr-aighnis. Táthaire garsúin é sin go bhfuil a cheann 'sa chosa scaoilte leis, a thabharfadh gach re seadh dhuit: buachaill gan béasaibh is é lán de dheiliús. Nách é an táthaire é, ná déanfadh an teachtaireacht don seanduine ach cromadh ar fhonmhód fé: rud deiliúsach, mí-bhéasach. Cá bhfuil an táthaire cinn teallaigh?: fear an tighe. Ná fiafruigh faic den dtáthaire sin, mar in ionad freagartha do thabhairt ort is amhlaidh bheadh sé ag leamh-gháiridhe: duine gan béasaibh; brosaire: bruadaire.

táthaireacht: *b.3.* brosaireacht, bruadaireacht, deiliús, mí-bhéasamhlacht. Cad í an táthaireacht so ar siubhal agat-sa fúm-sa, go bhfuilir ag leamhgháiridhe: brosaireacht á dhéanamh i slighe ná fuil béasamhail ná meastamhail. Fuaireas mo dhóthain táthaireachta uaithi in ionad freasdail orm: gearr-aighneas agus mío-ghnás béas. Ní thógfainn táthaireacht ó éinne, is cuma liom cé hé: iomchar easmailteach. A leithéid de tháthaireacht chainnte ná fuil meas madra aige ar thuairim éinne ach ar a thuairim féin: táir don nduine thall. Bheadh sé an lá ag táthaireacht ós do choinne amach: go deiliúsach: giobaireacht gan béas. Ní cómhartha deagh-oileamhna é bheith ag tabhairt táthaireachta dod athar nó do mháthair: freagraidhe groda: gach re seadh: diúltadh dá n-órdughadh nó dá gcómhrádh: brosaireacht.

tátal: (**tátall**) *f.1.* tuairim láidir, tuar, faithmheas, réimhmheas. An féidir leat aon tátal do bhaint as, a dhochtúir?: an féidir leat do bhreith do thabhairt dréir na gcómharthaidhthe breóidhteachta? Cad é an tátal a bhaineann tu as an gcómhrádh meádhon oidhche seo idir árd-chinnireacht an dá airm?: cad í an bhrigh a bhainir as?: cad í do thuairim as? Cad é an tátal a bhainfeá-sa anois nó éinne eile as shliogánaibh mara agus gainimh mhín thrágha d'fhagháil istigh i lár na dúthaighe?: cad í do bhreith ar connus a ránguigheadar ann mar nách dual é. Cad é an tátal a bhainir as an gcarbhall úd? Cad é an tátal a bhaineann tú as an scamall diamhair sin?: cad í do bhreith ar an aimsir atá air? "D'imthigh sé go holc sa deireadh, sin é mar imthigh sé" – "níor bhaineas a mhalairt de thátal riamh as": ní raibh a mhalairt de thuairim agam fé ar a chlódh is ar a imtheacht. "Cad is dóigh leat do shaighdiúiridhibh do chur ó Shasana Nuadh sa taobh thuaidh d'Éirinn?" – "droch-thátal a bhainim as": ní tuar síothchána dhúinne é, sin í mo bhreith mhacánta-sa. Sé tátal a bhainim as do chainnt ina thaobh go raibh sé ag cur síos orm-sa: mo bhreith is mo thuairim láidir.

tathlachas: *f.1.* suaimhneas, ceannsacht, síothcháin. An dtiocfaidh chun tathlachais choidhche airís lé chéile, na tíortha so atá chómh binbeach lé n-a chéile anois?: chun muinnteardhais. Dá bhféadfá aon tathlachas do dhéanamh eatartha budh mhór an luach ó Dhia é mar is gránda mar táid i gcoinnibh a chéile: síoth is ciúnas: muinnteardhas.

tathlughadh: *f.* (*-uighthe*) maolughadh, ceannsughadh, claoidhe, smachtughadh, ciúnughadh. Is deacra 'ná san duine fiadhain, meisceamhail do thathlughadh, mar is cuma leis cad deir sé ná dhéineann sé: do chiúnughadh. Ní fhéadfá mise do thathlughadh lé cainnt bhreágh, bhog in ao'chor, mo chuid atá uaim: do mhaolughadh. Ní furaiste dho dhuine é féin do thathlughadh nuair bhíonn táthaire i dtreis leis gan rud éigin bascuightheach do dhéanamh leis: do smachtughadh: srian do chur lé n-a mhianach. Aon tathlughadh ní raghadh choidhche ar lachain fhiadhain bhainfeadh sí an riasc amach dá fhaid is bheadh sí uaidh: míniughadh. Leis an amhdhoircheacht os chómhair na teineadh is mé bhíos ag tathlughadh go seascair chun suain: ag tuiteam go sámh, socair, subháilceach.

tathluighim: *b.a. & n-a.* claoidhim, ciúnuighim, maoluighim, suaimhneasuighim, smachtuighim, mínighim, téighim chun suantraighe. An t-ál a bhíos ag an lachain fhiadhain ní thathlóchadh do dhícheall iad, d'fhillfidís ar an bhfiadhantas dá fhaid go dtí é: ní mhíneóchadh: níor bh'fhéidir an dúthchas do bhriseadh ionta. Sé tuairim gach éinne

ná tathlófar Arm na Gearmáine sa chogadh so, go bhfuil sé ró-láidir, ró-ghléasta, ró-dheigh-stiúrtha: ná claoidhfear. Thathlóchadh ceól breágh chun suain duine: bhréagfadh, mheallfadh. Tathluigh chughat annsan anois is déin do shuan ní bheidh neach ag cur chughat ná uait: socruigh thu féin ar do shuaimhneas.

tathluighthe: *a.r.* claoidhte, mínighthe, ciúnuighthe, maoluighthe etc. Táir tathluighthe chugat féin go maith id chathaoir: socruighthe fút chun sosa. D'éist sé a bhéal, tá sé tathluighthe le hairgead agam: ciúnuighthe. Ní mór an seasamh atá anois ionta, táid ag cúladh an uile lá, ní fada ó bheith tathluighthe iad: claoidhte. D'imthigh an bhuile mhór di, tá sí tathluighthe breis: ciúnuighthe, maoluighthe. Braithim níos tathluighthe 'ná bhíos riamh, níor fhág an carbhall úd drundam agam: sáruighthe.

táthughadh: *f.* (*-uighthe*) do chómh-dhlúthadh, do ghreamughadh lé goradh, do chuibhreach, do phósadh; goradh; aon rud a chómhdhlúthuigheas; screamh, scannán; bogadh chun beirbhthe bácála nó leachta. Lá táthuighthe an tsneachtaidh, an lá is fuaire: an lá bhíonn sé ag leaghadh. Níl aon táthughadh ar an gcíste seo fós: níl an taisireacht imthighthe as an dtaos. Níl aon rud is mó chun na ndaoine do tháthughadh lé chéile ná síothcháin do chothughadh eatartha: do bhreith agus do choimeád i bhfóireamh a chéile. Dhá bhlúire d'iarann dhearg do tháthughadh: do bhualadh ar a chéile is do chóimhghreamughadh. Dá mbeadh táthughadh ar an seanchorcán ní bheadh sé ag leigeant uaidh: goradh a líonfadh an scoilt. Ar an dteine atá fén mbainne ní raghaidh aon táthughadh air: bogadh: téidheamh. Cuir an leann dubh ag táthughadh: ag bogadh: téidheamh.

táthuighim: *b.a. & n-a.* cómh-dhlúthaim, cóimh-ghreamuighim, cuibhrighim, cóimhcheanglaim, bogaim, téidhim, leaghaim, etc. Níor tháthuigh an bheirt riamh lé chéile: ní dheárnadar muinnteardhas. Tháthuigh an stampa den gclúdach: cheangail go dlúith. Ní tháthóchaidh an císte indiu ar an droich-theine atá fé: ní raghaidh screamh ná cruaidheacht air. Ní tháthóchadh an dá scláta iarainn, mar ná raibh goradh a ndóthain ortha: is ghreamóchaidís ina chéile. Táthuigheadh i bpósadh me léi: ceangladh go do-scartha. Táthuightear feóil ar a chéile i stánaibh: luightear is fáisctear. Táthuigh blúire dhe is beidh sé níos treise: greamuigh go docht.

táthuighthe: *a.r.* cóimhghreamughthe, cómhdhlúithte, cómhfháiscithe, cómhnasctha. Is maith táthuighthe atá an dá thír lé chéile anois: cuibhrighthe i muinnteardhas. Bhíomair chómh táthuighthe sin de Shasana gur dheacair dúinn scaramhaint léi: cuibhrighthe léi. Is fada ón uisce seo bheith táthuighthe: bogtha, téidhte. Níl na prátaidhe ach táthuighthe nílid oireamhnach lé n-itheadh fós. Sara raibh an sneachtadh táthuighthe i gceart, d'ionnsaidheadar a chéile: leachta. Feoil tháthuighthe: tímcheall is leathbheirbhthe.

te: *a.* ar mhórán teasa, dóighteach, duaibhseamhail, dian, clamprach; díograis, íogair, teasaidhe, lasánta; ceann-uaiscneach, dúthrachtach. Té ró-the dhom, ní fhéadfainn a hól: is dóichighe dho duine do dhóghadh. Ní fhéadfainn congbháil cois ar chois leat, tá an siubhal ró-the dom: ró-dhian, ró-thapaidh. Ainmhidhe ró-the seadh an láir sin, duine maith nár mhór duit ina diaidh: ró-mhear: ró-chlaon lé neamhshocaireacht. Cad é an gnóth atá agat den usice seo? tá sé bog-the: cuid mhór den bhfuacht bainte as ag an dteas.

Bean the: bean bhruithneach. Na déin aon spochaireacht air, tá sé ró-the, is d'éireóchadh sé chughat: teasaidhe, mear, lasánta. Chromadar ar a chéile agus maidir lé hargóint agus áiteamh deirim-se leat go raibh sé go te eatartha: teasaidhe: gur thugadar go dian, agus cruaidh dá chéile é. Deirim-se leat go raibh sé go te againn sáthadh i dtalamh i gcoinnibh na gaoithe sin: ná raibh aon fhuacht orainn lé rámhaidheacht dhian. Is ins an Rúis atá sé go te aca an aimsir seo, má dhéineann cathanna troma é: go dian, áidhbhéil: gan iad ag tabhairt aon tsosa dá chéile de ló na d'oidhche. Is te lém chroidhe thu, is beag duine gur mó cion agam air: is geanamhail. Budh the an uain í, b'éigean dom caitheamh díom go dtín léine: teas mór ann. A chrobhanna chómh te le teine ag an mbuairthe breóidhtighe: an-the ar fad. Más maith leat bheith buan caith fuar agus te: gach aon tsaghas bídh. Beidh na deóra teó leat-sa fós, agus cuimhneóchair ar mo dheagh-chómhairle dhuit: goilfir go fuidheach is go dian. Faid gheobhair an biadh bog, te caith é: oireamhnach díreach lé n-a itheadh. Nuair bhíonn go haonnidh bog, te, is é am tabhartha fé é: réidh, oireamhnach. Is teóide an brat a dhúbailt: is mó go mór a chuid teasa. Bhítheas go te ar mo thóir gan aon staonadh de ló ná d'oidhche: ghom chuardach thoir thiar thall 'sabhfus de ló agus d'oidhche. D'íosfadh sé an folcadh te: an rud is teó d'fhéadfadh bheith: fulang mór ar theas aige. Ó, dar fiadh, an brothall, táim árd-the: teas imthighthe fém chreat ar fad. Seachain thu féin ar an dteine sin, tá sí chómh te leis an ndiabhal: dhóghfadh ó thalamh duine. Coimeádadh na prátaidhe te dom san oighean: níor leigeadh an teas asta. Is agat atá an t-ionad is teó sa tigh, an cúinne is seascara. Chaith sé furmhór a shaoghail sa tíorthaibh teo: go mbíonn teas áidhbhéil do shíor ionta. Tá ionad tirim te id chóir sa bhaile: áit sheascair ná beidh aon fhuacht ort ann. Fuaireas buillidhe teó uatha: go raibh fearg leó. An bhean is teó lém chroidhe: is ionmhuine liom. Is é is teó den gclainn liom: is ceanamhla.

té: *r.fh. éigc.* an duine, duine ar bith, cibé duine. An té nách truagh leis do chás ná déin do ghearán leis: duine ar bith. An té a bhrathas is é a mharbhas: an duine. Fágaim fén dTé is fearr go bhfuil an ceart agat: Dia. "Fágtar fén dTé is fearr é etc.": diúltuighimís do: agradh Dia a chortha air. Beirt ná tuigeann do bhás go bráth – té t'fhuatha is té do ghrádha: is deacair leó a mheabhradh tú do bheith imthighthe, duine aca lé cion is duine gan. An té ná fuil láidir ní fuláir do bheith glic: muna mbíonn neart ionat bíodh gliocas is gaois ionat. Níl éinne ná beadh ar meisce ach an té go mbíonn leisce air díol as: d'ólfadh gach éinne a gheóbhadh in aisce é. An té bhíonn breóidhte ní bhíonn feóil air: ní gnáthach é láidir, crothamhail. Ní mór a dtruagh súd duit – an té a bhíos bacach bíodh: má bhíonn rud ort bruic leis. An té go mbíonn an aindeise ar maidin air bíonn sí um thráthnóna air: is gnáthaighe go leanann sí duine do shíor. Bhainfeá a chiall den té is fearr ar domhan: níl éinne ná go gcuirfeá as a chiall é. Moladh go deó leis an Té atá anáirde: an Tighearna. Dá mbeinn ar an té is fearr dá dtáinig riamh ní shásóchainn daoine: cómh maith agus b'fhéidir do bheith. An té a bheadh leat roim éinne: a thaobhóchadh leat taobhuigh leis. An té go mbíonn rud aige mo ghrádh: an duine cumasach is gach éinne ag lútáil air. Ní hé sin an té adeirim-se in ao'chor: an duine atá i gceist agam. "Cad é do mheas ar Th.?" – "ní hé an té is measa aca é": níl sé lé cáineadh. An té ná bíonn aon chrích air b'fhearr dho bheith marbh: duine ná fuil oighear a ghnótha ann. An té a bhíos thíos an chéad uair bíonn sé thíos choidhche: má claoidhtear i dtúis thu is baoghalach ná fuil aon éirghe as do chionn. An té ná hólann ach uisce ní bhíonn sé ar meisce. An té nár ól riamh cárt na cnagaire bíonn aindeise lá a bháis air. An té is mó cainnt is é is lugha obair: fear an

ghleóidh fear an díomhaointis. An té is giorra dhon altóir is minic gurb é is sia ó Dhia: caonaidhe na bpaidreach is an taidhbhse. “Slán beó chun an té ná maireann”, deirtear lé linn ruda éigin do thárlachaint a chuireas i gcuimhne dhúinn duine dil atá ar an dtaobh thall. An té ná tugann ní bhfaigheann: mara mbímíd flaitheamhail ní bheifear flaitheamhail linn. An té is reimhre caoire is leis a ghuidhid na bráithre: bíodh rud agat is beidh gach éinne mór leat. Ní maith an té gur iarrais rud air: ní ró-fhlaitheamhail é fé thabhairt. Is maith an té go mbíonn ciall a dhóthain aige: is deacair mac a shamhailt d’fhagháil. An té go mbíonn an rath air féin bíonn sé ar a chuid gabáiste: bíodh aon rud amháin éirightheach lé duine agus is gnáthach go mbíonn gach rud. An té ná bíonn an rath air féin ní bhíonn sé ar a chat ná ar a mhadra: mara mbíonn deallramh ar dhuine féin ní bhíonn ar aon rud a bhaineas leis: nó má bhíonn an mío-ádh air is gnáthach é bheith ar a chuid. Siúd é an té gur mhaith leis a chómharsa go maith: duine báidheamhail, deagh-chroidheach. Is fearr an té a éirigheas ná an té a thuiteas: an duine a théigheas chun cinn as an mbochtanacht is ionmholta é ’ná an duine cumasach a théigheas ar gcúl. Ní hé an té is giorra dhuit ach an té a oirfeadh duit: an duine go mbeadh gaol agat leis ach an duine a dhéanfadh do mhaith. Ní hé an té is mó a thuilleann is mó a gheibheann: is minic minic gur b’é an duine dian-oibre is lugha go mbíonn dá bharr aige. Ní hé an té is measa liom ach an té is measa dhom: is mó a ghoillfeadh ort nó is mó gur cheart bheith ina chúram is ní hé an duine go mbír mór leis. An té ná cuireann snaidhm cailleann sé an chéad ghreim: ná cuireann snaidhm ar cheann an tsnáith: bí fáiscithe i dtúis do ghnótha is ní bheir leibideach. An té atá go holc san iasacht bíonn sé go maith sa tsealadóireacht: an duine righin lé tabhairt uaidh bíonn éascaidh ag lorg do féin. An té a saoghaluighthear chun a bháidhte níl aon bhaoghal dóighte air. An té a saoghaluightear don gcroich ní bhíonn aon bhaoghal báidhte air: an rud a bhíos i ndán do dhuine olc is é gheóbhaidh sé. An té a ghoillfeadh ’sa fhóirfeadh orm d’árduigh an bás uaim é: duine ionmhuin. Ní measa thu ’ná an té a thabharfadh tor ort: lé duine nách fiú éisteacht leis, nó go ndéintear glacadh lé cómhairle ait uaidh. Cá bhfuil an té ná beadh cion aige uirthi: tuilleann sí go mór é. An té a bhíonn suas óltar deoch air, an té a bhíonn síos buailtear cos air. An bhfeacaís an té seo d’áirighthe indiu?: duine gur furaiste aithint ar an méid sin cé dho go mbíonn tagairt. Smachtuigheann gach éinne bean mhalluighthe ach an té go mbíonn sí aige: a fear féin. Is maith an té ná cuirfeadh sé olc air: bíonn a chúis go mór ann. “An té go bhfuil teasbach air iomcharadh sé é”: nílimíd-ne ar aiste aon ghleáchas ná sult do dhéanamh linn ar an láthair.

té: *f. & b.4.* duilleóg bheag phlannda a tiormuightear is a hóltar mar dhigh, an deoch féin; longadh éadtrom, go mórmhór lé linn an tráthnóna. Marbh lé té is marbh gan é: óltar an iomad de agus is deacair déanamh dá cheal. Caifí agam féin is té gem bhean: an chuid is fearr de gach tomhaltas aice-se. Ragham ar té chughaibh tráthnóna éigin: ar béile tráthnóna. Té scúighte: té is arán is ím. B’fhearr leis té dubh ná té scúighte: gan liathadh ná gan siúicre. Fliuch an té: cuir ag tarrac é. Budh bhreágh an lá mara é, bhí an fharraige ina báin-té: mar bheadh an té dathuighthe, ciúin ar fad.

teach: (**tigh**) árus cómhnaidhthe; tógáil d’ioladhbhasaibh go bhfuinneógaibh, dóirsibh, buaic, etc., mar fhascain shealadaigh nó cómhnaidhtheach don duine, agus chun ainmhidhthe; an baile, líon tighe, etc.; cómhlucht ceannaidheachta. Ní déintear teach gan teanga: ní fuláir go minic áiteamh is cur trí chéile ameasc daoine chun iad féin do

chongbháil i bhfóireamh a chéile is soláthar do dhéanamh. Dá ghoire dho dhuine tigh Dé is goire dho a thigh féin: is sa bhaile is cóir do a chéad dhualgas do dhéanamh: deagh-sholaoid do thabhairt lé bheith cneasta macánta ann. Ní fhágfaidh an cogadh so teach ná treabh ann: scriosfar idir dhuine is árus daoine sinn. Fear, bean an tighe: dhá cheann an líon tighe. Líon tighe mór ann dáréag clainne is an lánamha féin: muirear. Raghfá tamall maith sara mbuailfeadh leat aon cheann tighe is fearr 'ná é: fear tighe: an té atá freagarthach ann. Teach cómhnaidhthe, muinntire: go mbíonn daoine chun maireachtana ann. Teach cánach: áit mar a mbailightear béas ar earraidhibh ag dul 'sag teacht. Ní haon ghnóth amháin a chothuigheas teach: is iomdha rud go gcaithtear do bheith ag gabháil de chun a lín tighe do chongbháil i mbiadh is in éadach. Baile beag sprionnlaithe gan teach ósta ná tigh tábhairne ann: go bhfaigheadh duine biadh is leapachas nó deoch. Muinntir an tighe mhóir: árus daoine gustalacha. Tigh na mbocht do stáitse sa deireadh má leanair den rabairne: árus mar a gcothuightear na boicht ar chostas lucht díolta rátaidhe. Teach bó (ba): ródh. Teach capaill, muc. Ní raibh riamh aige ach teach deataigh, ní fheadar cad fáth an teasbach: salach. Teach ar thaobh bóthair ní haistear é ach cómhgar. Teach an fháilte is an gheal-thigis: mar a mbíonn coinnimh lé fagháil ag gach n-aon, is subháilceas. Is aca a bhíodh an teach gan doicheall: fáilte ann roim gach éinne is cuireadh chun bídh, etc. Tigh i ngleann is cuma ann nó as: ní mór an mhaith do thaistealaidhe é. Is ag dul ó theach an diabhail go tigh an deamhain agam: aistriughadh nó athrughadh a sheacht measa. Táid imthighthe ó theach is ó bhall: bailighthe leo ar fad. Is fearr teach follamh ná droich-thionóntaidhe. Is mór an truagh an duine ag déanamh ar theach fhollamh: gan biadh, gan beatha. Teach do leanbh a thógais: ceann ró-bheag: bréagán tighe. Teach bídh (ithteacháin). Gheóbhair thu féin i dteach na cúirte lá éigin is ní ag éisteacht é: an dlighe dhá chur ort. Ní raibh agaibh ach tigh gorta: ná beadh fáilte ná biadh ann. Níor fhág imreas tighe riamh iad: achrann idir an líon tighe. Gannaidhe tighe: biadh agus an uile rud a bhíos ag teastáil ó líon tighe. Is féidir lé fear a'tighe cac i dtóin a'tighe: is féidir a rogha rud do dhéanamh ina thigh féin. Codluigheann sé i dtóin an tighe: an seómra as an gcistin níos sia ón dteinteán. Is uaigneach é gan leanbh ar fuaid an tighe aca: aca in ao'chor. Na trí hanacraidhe is mó amuigh – comhgarach tighe, comhgarach croidhe is comhgarach corcáin: tigh beag, croidhe sprionnlaithe, is beagán lé bruith. Ná téirigh ach go hannamh go tigh do charad is gheóbhair fáilte, téighir ann go minic is gheóbhair ann neádar (deargchnáide). Is ionann é agus teach i dtráigh: tógtha ar dhroch-fhotha. Ag dul 'on teach pobail níl fear is meastamhla 'ná é: teampall. Thugas fé ndeara gléas maith tighe: troscán is rothaidhe. Ní raibh an oiread agus pinginn ruadh fé iadhadh an tighe agam: fé n-a cheithre fhallaidhibh. Na saoir ag deilbh an tighe: ghá shíneadh amach. Teach bainne, ime, uachtair: mar a choimeádtar nó ionramháltar iad. Níor chás léi a fear do chur go teach na gcearc: áit chodlata do thabhairt do ann. Ní teach siopa é ach teach taisce: ní díoltachán a bhíos ann mar fhoirgneamh ach stór. Ní mór an bhólacht ag teacht chun a dtighe: atá aca. Bhuail sé isteach i dteach: thug cuaird air. Táir ag déanamh do thighe féin de seo: ar do shuaimhneas ann: dána amhail is dá mbudh leat féin é. An bhfuil t'athair ag an dteach anois?: sa bhaile. Fan tímcheall an tighe, b'fhéidir go mbeadh gnóth dhíot: ná téighir ró-fhada ó bhaile. Ní fada ón dtigh agat an fear adubhairt liom é: cómharsa é. Beidh teach prátaidhe sa ghort san: mórchuid. Cad a chothóchaid lán a'tighe agaibh?: sluagh mór muirir. A saoghal caitheann sí i dtighthibh na gcómharsan: bean í a dheineas faillighe ar a tigh féin is ar a ghnóth. Cuirfear ón dtigh thu nuair gheóbhfar amach cad atá déanta agat: díbreófar. Budh dhiail an tigh iad, níor leigeadar éinne dealbh riamh ná fé

thart ná ocras: b'iongtach an dream d'aon treibh iad. Ní raibh luid den dtigh os a gcionn: droch-árus cómhnaidhthe a bhí aca. Gluaisimís fé dhéin tighe Dé: teampall: tigh eaglaise. Tighthe seóidh: mar a mbíonn siamsa ar siubhal. Tigh peictiúiridhe reatha. Tigh gan tóin gan ceann atá aca: gan bun ná deallramh lé gnóthaidhibh ann. Coimeádaidhe maith tighe de mhnaoi atá aige: bean atá ábalta ar aire mhaith do thabhairt do. Cuireadh as tigh is talamh é: ruagadh as a sheilbh ar fad. Cómhnuigheann sé sa tigh béil dorais agam: buailte liom. Ambliadhna táimíd ón dtigh ag mucaibh: an iomad caillte agus gan puinn fachta ortha. Tigh ceannuighthe thar a bharra: amach 'samach. Nílir ábalta ar ghabháil trí thigh, níl aon ghnóth agat de: aire do thabhairt. Faid atáim ag gabháil trí theach ní tháinig aon phlúr is measa ann 'ná é sin: i mbun tighe. "Agus do sháruigh sé ósda go mór, agus do fhilleadar isteach chuige is do chuadar don tigh, etc." (Gen. XIX. 3): áit chómhnaidhthe. "Óir atá a fhios againn, dá scaoiltear ó chéile ár dteach talmhaidhe go bhfuil áitreabh againn ó Dhia, teach nár tógbhadh ré lámhaibh, marthanach ar neamh" (2. Cor. V. 1): log chómhnaidhthe anama an duine. "Duine riaghalta ar a raibh eagla Dé maille ré na theach uile, noch do bheireadh iomad déirce don phobal agus do bhíodh ag guidhe Dé de ghnáith" (Gníomhartha X. 2): líon tighe. "Is tré chreideamh, ar bhfagháil fógartha ó Dhia do Naoi i dtímcheall na neitheann nách raibh fós ré na bhfaicsin, ar ngabháil fhaitchís do, d'ullmhuigh sé an áirc do shábháil a thighe féin, etc." (Eabhraigh XI. 7): a mhuinntir: a threabh. "D'ionnsuighe óighe ar a raibh ceart ag fear do theach Dháibhe d'ár ainm Ióseph; agus dob é an ainm don óighe, Muire" (Lúcás I. 27): treabh, sliocht. "Is anaoibhinn daoibh, a scríobhaidhthe agus a Phairisíneacha, a lucht an fhuarchrábhaidh! óir iththí tighthe na mbaintreabhach etc." (Matha XXIII. 14): maoin: beatha. "Óir tá a fhios agam go mbéarfa tú chun báis me gus an dteach do cinneadh don uile bheó" (Iób XXX. 23): uaigh. "Righthe na gcríoch uile, luighid uile i nglóir, gach aon díobh ann a theach féin" (Isaiah XIV. 18): ina n-uaigh féin. "Agus do chuireadar suas dóibh féin íomháigh greanta Mhícah, noch do rinne sé, ar fad na haimsire do bhí teach Dé a Silo" (Breith. XVIII. 31): foirgneamh tógtha lé Dia d'adhradh ann, mar a meastar longughadh do bheith ar spioraid Dé de ghnáth. Cheapfá dá dtuiteadh an teach air ná déanfadh sé aon bhascadh dho: leis an neart ar fad a bhí ann. Tigh teann nár mhór dóibh siúd chun seasamh leo: gustalach. Ghaibh sé teach sa chathair: chuir sé fé ann. Níl aon droich-threó in ao'chor air, ar dtúis tá a theach thar n-a bharra aige: ceannuighthe amach.

-teach: *i gcfbh.* Dá mbímís in aon-teach ní réidhteóchaimís leath-uair: fé aon díon. An dtiocfá in aon-tigh liom go Corcaigh?: im fhochair. Troigh ní chorróchainn in aon-tigh leat: id chómhluadar. Ní tháinig linn ach namhada aon-tighe do bheith againn: lucht ár mbraithte in ár gcuibhreann. Ceal ní bheidh ar t'ainmhidhthibh is an t-iteach atá agat: iothla. Tairringeóchaidh sé sean-tighthe anuas orainn: buadhairt is clampar. Cé chómhnuigheann sa mhóir-theach so thiar: tigh taithigeach, mórtach. Sin é an cruinn-teach atá aca san, ní mór a imtheóchaidh ina roilleach uatha: daoine gan féile ná scaipeadh ann. Siúd é ceann-teach an pharróiste: príomhtheach: is tábhachtaighe. Sin é an lom-theach atá rómham-sa fairír ar dhul abhaile dhom: an tigh ná fuil puinn den bhiadh ann ná faic eile. I gcaol-teach fuair is truagh go luighir, a Mháirín buidhe: uaigh. Fial-teach fé thalamh i lár na sráide: áit chun fuascaltha cliabhlaigh, etc. Clog-theach: an t-ionad ina mbíonn cluig eaglaise.

teacht: *f.3.* gluaiseacht fé dhéin an chainnteóra, as an ionad go mbíonn; druideam linn, in ár gcóir, téarnamh, tabhairt, géilleadh; dul, fionnadh, fagháil, tuigsint; oireamhnaighe; feabhasughadh; fás. Imtheacht gan teacht ort!: nár fhillir. Bhí imtheacht gan teacht ortha is budh bheag gur mhairg leó san. "Is maith an teacht é sin": lé duine go mbíonn fáilte roimis thar éis turusa, a bheith in am, triall maith déanta aige nó rud éigin ionmholta déanta aige. Is mór idir teacht is meath: idir ógánach is seanduine. Fiche bliadhain ag teacht/ fiche bliadhain go maith/ fiche bliadhain ag meath/ fiche bliadhain gan rath (is cuma bheith ann nó as): ag fás. Nuair bítear mall ag sroicheamhaint, ag feitheamh ró-fhada lé rud nó duine, deirtear, "teacht an tseagail ort": go righin. Níl aon teacht anuas ar an áit le breághthacht (olcas, etc.): is deacair cúnntas ceart cruinn do thabhairt air. Níl aon teacht anuas air: ní féidir dul amach air. Lé déidheannaighe tá árd-teacht suas déanta ag an bhfear, is caithte croithte bhí sé, ní mar sin anois, is é atá go cothuighthe: dul chun cinn. I dtúis a saoghail ní raibh faic aca, anois tá na leaga liatha aca – is mór an teacht suas é: an dul chun cinn. Dá dtabharfá do lá is do shaoghal ag faire air ní fhéadfá teacht suas leis, tá sé chómh glic sin: é do shárughadh nó bheith maith a dhóthain do. Dá ndéanfá teacht suas lé leabhar maith in aon áit chaithfeá seal aoibhinn leis: breith air: é d'fhagháil. Ar mh'anam go bhfuil sé ag teacht suas as an bpúnt: ag éirghe leat as an méid a bhí agat ag tosnughadh. Aon teacht amach ní dhéineann sé: fanann sé fé iadhadh an tighe i gcómhnaidhe. Cailín breágh d'inghin aice i mbéal a teachta amach: ag teacht d'aois is ag dul i gcoimhdeacht. Leabhar nuadh eile aige ag teacht amach go luath: dhá fhoillsiughadh don bpoiblidheacht: dhá chlódhbhualadh: dhá chur ar an margadh. Cloisim go bhfuil an scéal ar fad ag teacht amach an aimsir seo: ghá innsint: ghá nochtadh. Táir ag teacht abhaile uait féin sa deireadh: ag géilleadh, aontugadh. Ar an ndath atá air d'aithneófá go bhfuil rud éigin ag teacht air: taom nó túin. Cad atá ag teacht ort ná fuil aon tsult ag fanacht ionat?: ag cur ort: ag goilleamhaint ort. An bhfuil aonnidh ag teacht ort as aon áit an aimsir seo?: airgead nó aon rud a bheadh ag teastáil. Lucht éilimh ag teacht anoir 'saniar orm: as gach treó ag lorg orm. Is deacair dóibh aon tseasamh do thabhairt uatha is namhada ag teacht anoir 'saniar ortha: tuargaint ar gach taobh. An aniar atá an ghaoth ag teacht orm?: ag séideadh as an áird sin. "An bhfuil aon teacht aníos ar an áit go bhfuil an fear i ndraip?" – "níl teacht aníos ná anuas air": slighe sroichte. Dalladh amach me ag urchair ag teacht anoir 'saniar orm: as gach treó. Dá mbeinn ag feitheamh ó shoin, ní fheicfinn éinne ag teacht orm: ag déanamh as aon áird fém dhéin. Ceódh ag teacht ar an gcnoc: ag tuiteam. Coighcíos do chaitheadar ag teacht: ó áit áirighthe gur shroicheadar a dtriall. Nuair bhraith an gadaidhe go rabhthas ag teacht air ghread leis: ag déanamh air is go mbéarfaí sa bhfoghail air. Anois atáim ag teacht ort, go dtí so níor léir dom go soiléir cad bhí id cheann: a chídhtear dom cad tá uait do chur i dtuigsint. Teacht na maidne beam suaidhte traochta go maith ceal chodlata: lé linn di bheith ann. Anois teacht na Cásca ragham ar ár laetheantaibh saoire: go bhfuil sí ann. Ní fheadfair teacht ar a bhfuil lé déanamh agat: friothóilt. Dá mbeadh teacht ar bheagán airgid ag duine b'fhuraiste dho éadach do cheannach anois: fagháil. Ar theacht an tsamhraidh mar seo ghluaiseamair maidean aoibhinn: nuair tháinig sé. Áit ró-chluthair, ró-mhúchta beidh ag teacht féd chuid éadaigh ann: beidh taisreacht is snas ag teacht ortha. Teacht fé déanta ag an bhféar: taisireacht is snas ar an gcuid atá leis an dtalamh de. Fé theacht na Nodlag beidh gach aon rud réidh, ullamh agam: fén am go mbeidh sí againn. Arán annso féd theacht: id chóir. Fé theacht don saoiste bhí an obair ar fad déanta: sara dtáinig sé ar an láthair. Níl aon teacht déanta aige, nách daingean atá sé: aon chorruighe as an áit go

bhfuil sé. Is fada ag teacht iad: táid an-mhall: tamall maith ar an slighe. Sin mar bhíonn is geairrid ag teacht an bás: árduigheann leis gan mhoill gan choinne. Cad tá ag teacht leis ná fuil aon anam ann?: ag cur air, ag goilleamhaint air. Bead ag teacht leat, fan nóimint liom: it fhochair. Níl aon fhocal a labhair sé ó shoin ná go raibh gach éinne láithreach ag teacht leis: ag aontughadh leis. An fuacht ann a bhíonn ag teacht liom ná braithim go maith in ao'chor: ag goilleamhaint orm. Nílid ag teacht lé chéile in ao'chor is mór an náire dhóibh é: bheith d'aon bhuidhin. Gach aon rud ag teacht lé chéile orm go bhfuilim dhá chlaoidhe aca: in aonfheacht. Préacha an chrainn ag teacht leis lé neart ceart: ag tabhairt, ag cailleamhaint a ngreama. Iasc ró-láidir, níl sé ag teacht in ao'chor liom: ag gluaiseacht im threó. Is mór an truagh ná fuil bhur dtuairiscidhe ag teacht lé chéile: ná fuiltí ar aon fhocal. D'iarraidh teacht thall 'sabhfus ar an saoghal: ar dícheall chun iomad gnótha do dhéanamh. Ní fhéadfainn teacht thoir is thiar oraibh: friotháilt oraibh go léir. Ag teacht fé n-a mhuileann atá, ní éisteóchaidh sé indiu: ag árdughadh chun cainnte atá air. An-theacht as a dhein sé, shaoileas go raibh an bás aige: téarnamh maith. An ag teacht as an scéal ataoi?: d'iarraidh tú féin do réidhteach as dhraip. Ag teacht as a bhfanntais do bhíos nuair tángthas orm: mo neart is mo mheabhair ag filleadh orm. Deir an dochtúir ná fuil aon teacht as aige: ná téarnóchaidh sé in ao'chor. An bhfuil ag teacht as an dtéid: í bheith ag síneadh. Níl ag teacht as an soitheach: ag sileadh nó ag tabhairt pé leachta atá ann. Fuaireas chúig phúint as theacht: mar gheall ar ghluaiseacht ar theachtaireacht, ócáid, etc. Is é an t-éitheach dearg atá ag teacht asat: ghá rádh agat. Ní fheictear dom aon rud ag teacht as do chuid cainnte: mar thoradh uirthe. Is diail mar tá ag teacht ann lé déidheannaighe: ag méadughadh, ag líonadh, etc. Ní raibh ag teacht ins an gcoirce, agus b'éigean an talamh do threabhadh amach: aon fhás ní raibh fé. Ní raibh sé riamh ná go mbeadh rud éigin ag teacht aige: ghá bhreith leis aige. Teacht fé san úrlár: é ag fúscadh. Deirtear ná fuil aon chiall ag teacht do, go bhfuil sé chómh haerach agus bhí sé riamh: é ghá fagháil. Raghaidh sé i bhfeabhas fós, tá a neart ag teacht do: ag filleadh air. Níor mhór do teacht isteach maith do bheith aige chun seasamh leis an méid a chaitheann sé: airgead ar amaibh áirighthe – cíos, ús, nó tuarastal as fheadhmanas. Tugaim fé ndeara an croiceann ag teacht díot ag an ngréin: ag scughadh is ag tuiteam. An choirt ag teacht den gcrann: ag scughadh. Bíonn na sluaighte ag teacht 'sag imtheacht sa tigh chéadna: ag tabhairt cuairde air. Gheóbhair cead teacht is imtheachta sa tigh seo: ní bheidh aon mháighistir ort. An t-alt úd liom a cuireadh as ionad beidh sé ag teacht liom choidhche is dócha: ag goilleamhaint orm. Cad tá ag teacht leat go bhfuil an oiread dearmhad id dhiaidh?: cad tá ag baint díot? Bíonn gach aon tsaghas aimsire ag teacht leis: ag déanamh díthe dho. Is mó bhíodh an teas féin ag teacht liom ann ná an fhuacht: ag cur orm: is mó do bhraithinn é. Tabhair dhom deoch 'en uisce táim ag teacht chugham féin: feabhas ag teacht orm ó fhanntais, treighid, tuiteam nó ósbairt. Sin cruithneacht atá ag teacht chúichi féin go maith lé déidheannaighe: í ag dul i bhfeabhas ón moill nó righne a bhí uirthi. Leitreacha ag teacht chuige in aghaidh an lae: ghá shroichstint. Ag teacht ón mbaile mór dom: ar an slighe as. Is deacair teacht ó ghalar grádha: faoiseamh d'fhagháil uaidh. Níl aon teóra leis an gcainnt atá ag teacht uaidh: rith seama: fuaimeant: breis chainnte etc. Níl aon rud ag teacht ón gcapall lé dhá lá: as a chliabhlach. Is beag atá ag teacht ó Shasana go hÉirinn: níl mórán trádála aiste. Bhíos chómh breóidhte sin ná raibh faic ag teacht tríom ach fuil dhearg: as mo ghoile. Chun teacht treasna ar dhaoinibh is fearr é: ag cur isteach ortha. Ní bhíonn aon teacht treasna againn ar a chéile lé fada: ní bhuailimíd lé chéile. Sin tuairisc atá ag teacht ar do thuairisc-se: ná réidhtigheann leis: a

bhréagnuigheas é: sháruigheas é. Chonnac ag teacht treasna an chnuic: thar. Fan mar a bhfuilir, nílir ag teacht treasna in ao'chor orm: sa tslighe orm. Indiu tá gach aon rud a chuirim rómham ag teacht treasna: ag dul im choinnibh: ag déanamh mearbhaill dom. Ná bí ag teacht rómham mar sin, leig dom labhairt: d'iarraidh tosach cainnte do bheith agat: ghom chosc ar labhairt. D'iarraidh teacht rómham chun teachtaireachta do thabhairt dom: me do shárughadh ar mo bhealach. Sin a bhfuil ag teacht chugham, an eadh, as mo sclábhaidheacht?: an méid atá lé fagháil mar chúiteamh agam. Is fada atá an méid sin ag teacht chuige: é tuillte aige. Ná bíodh do chluas anáirde in ao'chor níl éinne ag teacht thart: ag cainnt ort. "An bhfuil leabharlann lé tógaint ann?" – "tá teacht tharais": táthar ag cainnt air. Beidh teacht thar an gcath úd choidhche: beidh daoine ghá tharrac chúcha ina gcómhrádh. Níor mhaith liom bheith ag teacht thar éinne: ag tromaidheacht. "Is diail an teacht é sin" – "ní teacht go dtí é": beart iontach maidir lé luas. Ná labhair go fóill tá árd-teacht aniar ann: buanchas chun gnímh ann. Bheifeá ag caitheamh airgid air i rith an lae, is ní chaithfeadh sé cianóg, níl aon teacht aniar ann: preab. Táir ag teacht uait féin: ag athrughadh do thuairimidhe. Féach go gcaithfir teacht tímcheall uait féin sa deireadh: do n-athróchair do smaointe, na feádhanna, bóithre atá fút. "Connus taoi in ao'chor?" – "táim ag teacht breágh bog ort, ní har mo thuairisc do thiocfá": níl aon mhairg dhá fhagháil agat dom. D'fhanadar ag rí-rá go teacht na maidne: go raibh sí ann. Deóra ag teacht go fuidheach: ag gluaiseacht. Tóg é sin, tá a thuilleadh le teacht: leanfaidh a thuilleadh é. D'aithnigheas cad bhí lé teacht: cad thárlóchadh. Ní fada atáim ag gabháil de so, tá gach nidh ag teacht dall fós orm: ní éirigheann liom a ndéanamh go héascaidh. Tá a choisidheacht ag teacht don leanbh: é ag tosnughadh ar shiubhal. Thugas fé ndeara breis dá chainnt ag teacht do nuair bhraith sé an chonntabhairt thart: breis mheisnigh aige. Ar theacht féin ní fhéadfainn faic do dhéanamh, bhíos ró-lag: dá ngluaisinn agus an áit do shroicheamhaint. Ag teacht orainn atá, seo fear eile chughainn: ag méadughadh atá ár bhfuireann. An bhfuil ag teacht ar an dteine?: í bheith ag cnádughadh. Níl mo theanga ag teacht liom in ao'chor: ní féidir liom labhairt líomhtha. Ag teacht ann a bheidh, tá sé óg fós: ag fás. Teacht an gheimhridh anois beidh teine mhaith uainn: nuair thagann sí. Tá ag teacht fúm ag feitheamh leis: lé faid aimsire tá taisireacht na talmhan ag gabháil tríom. Is iad ag teacht i dtír buaileadh a béal fén mbád: ag déanamh calathóireachta. Tá do chulaith ag teacht go maith duit: oireamhnuigheann sí thu. "A Sheáin!" – "(ag) teacht!" chughat. Tá an-theacht abhaile ann: tathag is acfuinn chun gnímh. Mo theacht abhaile go dtí so: déanta go maith agam. Ní cuimhin leat é, b'fhéidir, cé gur thar éis do theachta (ar an saoghal) é: do bheartha. Bead ann lé teacht na hoidhche: tuiteam. Ní fearamhail teacht i bhfeall ar éinne: druideam ina dháil i ngan a fhios do. Is mór idir teacht is meath: deifridheacht mhór idir. Dul agus teacht slán guidhim duit: go n-éirighidh t'imtheacht agus t'fhilleadh leat. Budh dhóigh leat ar an slighe bítear ag lorg orm gur ag teacht ó neamh atá gach aonnidh chugham (orm) féin: go bhfaighim iad gan a nduadh. Duine ar a thoil féin gach aon rud ag teacht i mbéal a chéile go hiongtach aige: ag friothóilt is ag oireamhaint. Is air siúd a déarfá do bhí an duadh agus an strus ar an gcuma go raibh allus ag teacht tríd: ag sileadh go trom. Nuair bhí ag teacht dian air theich sé: nuair ná raibh ann seasamh a thuilleadh. Chreidfinn é ar é do theacht uait-se: gur aithris-se é. An diabhal féin do theacht aníos ó ifreann chuige ní chuirfeadh aon fhaitchíos air. "Agus má bhíd náireach fén uile nidh dá ndeárnadar, taisbéin cuma an tighe dhóibh, agus a ghléas, agus a dhul isteach agus a theacht amach etc." (Eseciel XLIII. 11): an tslighe amach. "Do

theacht chughainn", lé duine nó ainmhidhe le seanbhlas, nuair bhíonn fáilte roimhe. Thógfadh sé í is í do theacht ina léine chuige: geóbhadh léi mar mhnaoi is í dealbh ar fad.

teachta: *f.4.* duine a shuidheas ar chómhairle nó dáil chun gnótha duine nó daoine eile; duine a ceaptar chun dualgas agus feadhman duine eile d'fhriotháilt; timthire. Teachta Dála: duine a ceaptar do líomatáiste áirighthe i bhfeis Éireann chun gnóthaidhe is cúraimidhe an cheanntair sin do fhriotháilt. Ceapadh teachta chun dulta i láthair Aire na Talmhan chun gannchúise síolta do thagairt leis: ádhbhar daoine a ionaduigheas cuid mhór chun margána do dhéanamh.

téachtadh: (**téachtughadh**) *f.* (*-tta*) reódhadh, claochlódh ó leacht go calcadh trí fhuacht, gruth nó briodarnach do dhéanamh de, do reamhrughadh (braon etc.). Sar ar lannsáladh an chneadh do bhí an braon ag téachtadh: othar righin ag déanamh de. I bhfad roim Nodlaig bíonn an fharraige i dtíorthaibh an tuaiscirt ag téachtadh: leac oighir ag déanamh di. Ní mór ná go raibh mo chuid fola ag téachtadh ionam leis an gcrith-eagla a cuireadh orm: tháinig gráinnidheacha uirthi. An bainne géar ag téachtadh leis an dteas: gruth ag déanamh de is é ag briseadh. Fuacht is cúis lé téachtadh: géirlic do dhéanamh de leacht nó rud tais.

téachtaim: (**téachtuighim**) *b.a. & n-a.* reódh-leacuighim, calcuighim. Do théachtuigh an bainne ina ghoile is d'úirlic é: do dhein gruth dhe, rinne cáithnidhe dhe. Brughadh agus goirtigheadh an ghéag chómh mór san gur théachtuigh an fhuil innte: go ndeárna cáithnidhe righne, reamhra dhi. Nách mór an fuacht é go dtéachtuigheann an fharraige: go néann cnuic leac oighreach dhi.

teachtaire: *f.4.* duine a bheireas faisnéis béil nó scríobhtha leis ó dhuine go duine eile; bonnaire, giosaidhe, giolla taistil, giollamhnach, ionadóir, taidhleóir. Níor chuir an mada ruadh riamh amach aon teachtaire is fearr 'ná é féin: más mian leat do ghnóth do dhéanamh i gceart déin féin é, is ná bí ag brath ar chách chuige. Más suarach é an teachtaire is suarach é an freagra: duine gan tábhacht ar ócáid lorgaireacht is beag an tor a bhíos air. Dathad uair cuireadh i bhfighis air gan an tuagh do dhearmhad do bhreith leis ach dhein, b'é teachtaire an chriathair i gceart é: ná fanfadh aon rud ina chuimhne. Lé duine go mbítear ag feitheamh i bhfad leis lé rud éigin go gcuirtear ag triall air é, etc., deirtear, "teachtaire an fhiaigh ón Áirc": an fiach nár fhill chun a innsint an raibh barr aon talmhan gan nochtadh. Ní dhearmhadann an Teachtaire Dubh neach: beireann an bás an uile dhuine leis. An dóigh leat go ndéanfair teachtaire ar fad díom-sa?: go mbead ar do chur agat gach aon rud mar is toil leat do dhéanamh duit. Teachtaire Dé an bás: tríd an mbás seadh théighimíd ina láthair. A thruagh go bhfuil sé imthighthe uait, cuirtear teachtaire ina dhiaidh fanacht leat: duine lé scéala. Cuireadh teachtaire síotchána chugham: duine lé scéala gur theastuigh síothcháin óm namhaid. Teachtaire galair: duine a iomcharas galaraidhe tógálacha ó áit go háit is ó dhuine go duine gan iad do ghoilleamhaint air féin. "Tuitidh droichtheachtaire i dtubaiste, acht is sláinte an teachtaire díleas" (Seanráidhte XIII. 17). Tháinig teachtaire cleamhnais chugham ó n-a athair: duine go raibh scéala aige dhom maidir lé ceangal lé mnaoi áirighthe. Teachtaire Dé ar an dtalamh so an sagart: go bhfuil cómhacht aige dlighe Dé do riar agus do chraobhscaoileadh. Níl teachtaire aice a leanfadh an bhó dhi: giolla: tiománaidhe.

Thabharfainn an capall duit chun lae oibre dá mbeadh aon teachtaire agam lé dul ina dhiaidh: giolla a thiomáinfeadh é.

teachtaireacht: *b.3.* scéala, tuairisc béil nó scríobhtha a beirtear ó dhuine go duine eile, gnóth áirighthe a cuirtear ar chúram giolla nó giosaidhe, etc. Seo leitir duit, tá teachtaireacht innte dhuit: scéala éigin: tuairisc. Cuireadh mar theachtaireacht orm a rádh leat gan aon chodladh do bheith ar na súilibh ar maidin agat chun gluaiste chun bóthair: scéala do cuireadh ina chúram orm do chur in iúil duit. Is é an duine is neamhmhaithighe ar bóthar é, oiread agus luach leathphingne de theachtaireacht ní dhéanfadh sé: ní iomcharóchadh sé beartán dá luighead ná ní bhéarfadh scéala dhuit chun duine. Tháinig Aingeal an Tighearna lé teachtaireacht chun Muire agus chómhnuigh Sé in ár measc: tháinig sé ar ghnóth speisialta lé faisnéis áirighthe. Buachaill sa tsiopa ann gur b'é a chúram do bheith ag déanamh teachtaireacht: ag iomchar beartán tuairiscidhe a bhaineas leis an siopa etc. Teachtaireacht teinntrighe: sreangscéal. Chuireas teachtaireacht cleamhnais chúiche: scéala le duine éigin, i leitir etc. ghá chur fé n-a brághaid ar mheón léi me do phósadh.

téad: *b.2.* sreangán reamhra, láidre, cnáibe, lín, etc. fighte, casta ar a chéile agus ina gcor tímcheall idir órdlach is deich n-órdlaighe de ghnáth aige, aon fhaid de san, sreang, córda mór, reamhar; gréasán dubháin alla; sursaing. Tabhair faid a théide dho, tiocfaidh san abhaile uaidh féin fós: bíodh a thoil féin aige, géillfidh sé as féin. Ag seimint ar théadaibh ceóil: sreanganna. Is í mo thuairm ort-sa go raghaidh an téad lá éigin fút: go gcrochfar thu. Daradha chómh láidir lé téid ualaigh: í sin a bhíos i ngreamughadh ualaigh. "Agus adubhairt seisean ria, má cheanglaid siad go daingean me lé téadaibh nuadha nár cuireadh ariamh i bhfeidhm, ann sin biaidh me lag, agus biaidh me mar gach nduine eile" (Breitheamhain XVI. 11). Is cosamhail do ghreim air lé téid um ghainimh: gan aon nasc. Ní féidir leis faic do dhéanamh leis an eagla roim a mhnaoi, tá sé ar théid aice: mar bheadh maidrín ar éill aice. Budh bhinne a méara ar théadaibh ceóil etc.: ag seimint ar shreanngannaibh cruite, etc. Téad cinn lín: an téad nó rópa a bhíos as sraith nó beart líonta dá gceangal den mbád. Beart air go raibh lán téide ann: toirt mhór. Iongtas an tslighe bhíos téada snighte ag an ndubhán alla: sreanganna. Carraig na Téide. An té go mbíonn uchtach maith aige, deirtear, tá na téada go maith aige. Ná trácht ar théid san áit gur chroch duine é féin. "Caithfear a cheangal ar théid": lé duine a bhíos i ndiaidh ban. "Téadáin an domhain ar an mbainne", nuair bhíonn sé righin is go leanann sé a chéile ina shreangannaibh.

téadán: *f.1.* rópa, smut gearra de théid nó éadtrom i ndéanamh. Beir leat téadán féir: oiread agus raghadh isteach i gcúpla feádha dhe. Cuir téadán leis an mbuin: rópa tímcheall a hadharc, ná beadh ró-reamhar ar fad. Téadán ruaimnighe: déanta de mhuing nó earball capaill, etc.

téagar: *f.1.* toirt, fóirlíontacht, teinne, reimhre, dus, tathag; cosaint, fothain, focal ceana; cuid mhaith, dlús. Árd, gan aon tsaghas téagair, sin mar tá sé: mór-chorpach, leathad is méid ó ghuailnibh go crománaibh (duine). Capall gan téagar: gan é do bheith leathan as a chorp ó n-a chosaibh tosaigh siar. Cad é neart, cá ngeóbhadh an téagar?: an toirt is tathag cuirp. Siúd é go bhfuil an téagar ina ghéagaibh: scrothaidheacht: neart, toirt, agus fulang.

Mara bhfuil an aoirde (fhaid) ann tá an téagar ann: toirt ó thaobh ann agus siar 'saniar. Budh bhreágh leat suidhe chun teineadh go mbeadh téagar innte: teódhacht is seascaireacht. An téagar go léir atá ina chroidhe: thabharfadh sé an léine dá dhrom don té go mbeadh a ceal air: flaitheamhlacht. Ná bíodh aon fhaitchíos ort go gcaithfidh sé deireadh chómh bog san, tá téagar airgid aige: cuid mhór mhaith. Cé gur dóigh leat go mbeadh sé go maith as tá sé gan puinn téagair: mórán maoine. Fear mór, cumasach a dhéanfaidh sé leis an aimsir, tá sé ag dul i dtéagar an uile lá: toirt ag teacht ann. Ná goil, a théagair, tá a fhios agat go bhfuil truagh agam duit: a chuid, a laogh. Mo théagar thu, ní ghoirteóchainn ar an saoghal mór thu: a bhaonaigh. Ní raghadh sé an doras lé n-a théagar: méid. In am ár gcruadhtain is é ár dtéagar é: ár gcosaint. Ní raibh an téagar ceart ann chun é do thógaint ins na Gárdaidhe: ní raibh an tímcheall riachtanach uchta aige. Tá teasbach ortha má tá téagar aca, ní hionann iad is daoine go mbíonn an taos leis an oighean aca: seascaireacht.

téagartha: *a. n-dh.* leathan láidir, toirteamhail, "é siar 'saniar is treasna" i nduine nó in aon rud, taithigeach; fothaineamhail, cosantach, seascair. Fear teann, téagartha as a guailnibh: leathan, déanta, cumasach. Ní feólmhar atá sé ach téagartha: déanta, leathan: taithigeach. Nách mór an neart i ngaoith é go stracann sí crainn théagartha aníos as a bpréamhachaibh: toirteamhla: go mbíonn tímcheall mór aca. Ní carraig mhaol í siúd ach ceann mór, téagartha: tímcheall is toirt aice. Ní raibh sé téagartha a dhóthain lé tógaint 'sna Gardaidhe: tímcheall ceart cabhlach aige. Tá sé ró-théagartha chun luas do bheith ann: an iomad cuirp aige. Feirmeóiridhe maithe, téagartha atá sa taobh so den gconntae, is beag díobh ná go bhfuil os cionn fiche bó aige: tathaigeacha: acfuinneacha. Seómra gleóidhte téagartha annso agat: cluthair, te.

téagarthacht: *b.3.* toirteamhlacht, teinne, tímcheall, tathaigeacht; fothaineamhlacht, teólaidheacht; strus, acfuinneacht. Ag dul i dtéagarthacht in aghaidh an lae atá sé, ní fada ná go mbeidh oiread tighe ann: méid: reimhre. Ar an dtéagarthacht atá ann ní fhéadfadh gan neart do bheith ann: tímcheall, toirt cabhlach is gualann. Tamall níor mhór lé rádh é, budh bheag é a chuid, anois tá téagarthacht aige: cumas is gustal.

teagasc: *f.1.* múineadh, tabhairt suas, cómhairle, oideas. An Teagasc Críostaidhe: eolas ar Chríost le n-ár stiúradh ar cad is ceart dúinn do dhéanamh dá réir. A dhuine atá i dtúis do shaoghail an teagasc go cruinn beir leat: an rud a foghlumuightear duit. Tá sé ina bhleageárd agus is é teagasc a fuair sé é: an múineadh as a óige. Ó n-a athair agus a mháthair fuair sé teagasc teinteáin: sa bhaile múineadh do na nidhthe budh mhaith dho agus d'oir do. "Fearfaidh mo theagasc mar fhearthainn, silfidh mo ghlór mar dhrúcht, mar an mínfhearthainn ar an luibh mhaoith, agus mar na ceatha ar an bhféar" (Deut. XXXII. 2): na nidhthe a mhúinim. "Agus thárla an tan do chríochnuigh Íosa na briathra sa gur ghabh uathbhás an pobal tré na theagasc san" (Matha VII. 28): foircheadal: an nidh áirighthe do mhúin Sé lé hughdarás. Fear teagaisc agus léighinn dob eadh é, óir is iomdha scoláire maith do dhein sé: a bhí i gcumas oideas do chur i gceann dhaoine. Dá leanainn teagasc mo mháthar agus droch-chómhluadar do sheachaint b'fhearrde me é: cómhairle mo leasa is mo stiúrtha. Ní glic ná gabhann teagasc: amadán an té ná gaibheann lé heólas nuair tugtar do é. Is mairg ná tugann cluas do theagasc na sean: dá gcuid eólais is dá gcómhairle. Is maith an teagasc atá dhá thabhairt ar na leanbhaidhe sin, is iad atá go

béasamhail: an múineadh agus an tabhairt suas. “Tabhair aire dhuit féin agus do theagasc, cómhnuigh ionta, óir dá ndeárna tú sin saorfaidh thu tu féin agus an drong éisteas riot” (1. Tim. IV. 16). Riamh buachaill so-theagaisc do bhí ann: b’fhuraiste leis éisteacht lé cómhairle a leasa agus é do mhúineadh. Ní do-theagaisce asal ’ná é: an-dúr é. Ag tabhairt teagaisc ar Ghaedhealaing dom atá sí: ghom mhúineadh.

teagascaim: *b.a.* múinim, cómhairlighim. Teagascadh go maith i gcóir na fínéachta é, budh dheacair é do chur i bponnc: cuireadh ar a shúilibh cad budh cheart do a rádh is connus freagairt. Teagascóchaidh siad siúd, mar is dóibh is eól, cad is ceart do, is nách ceart do do dhéanamh: comhairleóchaid. Níor teagascadh chuige as m’óige me is mar sin connus d’fhéadfainn é dhéanamh: níor múineadh. Cé theagasc é ag teacht ar an gcreideamh do?: a thug eólas spioradálta dho. Á, níl an freagair a oireas duit amugha ort, táir teagasctha go maith: é múinte dhuit cad oirfidh duit a rádh.

teagascóir: *b.3.* múinteóir, cómhairleóir, oide. Teagascóir anam an sagart san: tugann sé cómhairle mhaith spioradálta uaidh. Cuireann Roinn na Talmhaidheachta teagascóiridhe amach ameasc na bhfeirmeóiridhe tímcheall curadóireachta: daoine a mhúineas connus curadóireacht cheart, thairbheach do dhéanamh. “A teagascóir fhios múinte na ndaoine neamh-eagnaidhe, ad theagascóir na leanbh, air son go bhfuil foirm an eólais agus na fírinne agad fan dligheadh” (Romh. II. 20): eólaidhe, oide. Is fada gur airigheas ó aon theagascóir altóra, cómhairle chómh maith léi: seanmónaidhe.

teaghlach: *f.1.* líon tighe, treabh, tigh. A raibh sa teaghlach againn b’fhada ó n-ár ndóthain bídh an méid a bhí dhá fhagháil againn: an líon tighe nó a raibh sa tigh. Scriosadh Teaghlach Uí Dhómhnaill go léir le linn an chlampair: a líon tighe is ar lean iad. Muinntir an teaghlaigh seo go léir as baile indiu ach mise: na daoine a bhaineas leis an muirear is leis an dtigh. Aon uair is mian leat teacht beidh fáilte in ár dteaghlach-ne rómhat: ag muinntir an tighe. Bhí an teaghlach go léir im choinnibh is b’éigean dom stríocadh: a raibh sa tigh. Is siad is fearr i gCúige Múmhan a choimeádas teaghlach: tigh maidir lé hórdughadh, slacht is biadh, etc. Pósfad is tógfad teaghlach: tigh, is beidh líon tighe agam. Teaghlach an uachtaráin: a árus is a leanas é idir líon tighe is cuallacht.

teaghlachas: *f.1.* riar teaghlaigh, stiúradh is coimeád tighe, cnuaisciún. Níor mhór dom bheith go hárd-mhaith chun teaghlachais is a bhfuil de chlainn leachta agam do chongbháil i bhfóireamh a chéile: chun gnóthaidhe is cúraimidhe an tighe do riar. Is maith an teaghlachas atá déanta agat air is a rádh ná fuil sé caithte fadó riamh: bainistighe. D’imthigh an talamh gan mhaith ortha mar ná raibh aon eólas ar theaghlachas aca: connus an talamh do shaothrughadh ina cheart.

teagmháil: (**teangmháil, teangbháil**) *b.3.* tárlachtaint, bualadh ar; ag bualadh nó ag cuimilt de; rángachtaint, combualadh, troid. “Agus do thárla i ndán di teagmháil ar an gcuid don mhachaire noch fá lé Bóas, noch do bhí do shliocht Eilmelech” (Rút II. 3): do tháinig air. Duine lasánta, aibidh ná féadfá oiread agus teagmháil leis: bualadh leis, barra do mhéire do chur air: aon rud dá luighead do rádh leis ná go dtógfadh ort. Na bíodh aon teagmháil agat leis, droichghéag seadh é: aon bhaint, conbharsáid. Ar an méid teangmhála a bhí agam-sa leis ní bhfaighinn aon locht air: conbharsáid: síos is suas. Is

fada go raibh aon teagmháil eatartha: gur bhuaileadar lé chéile: go ndeárnadar conbharsáid ná coidreamh. Bír ag teagmháil liom i gcómhnaidhe agus bíodh deireadh agat: ag cur isteach orm: ag déanamh ruda éigin ná hoireann dom. Rud éigin ag teagmháil lém chroiceann a bhí ghá scríobhadh gur feannadh me. Má bhíonn aon rud ag teagmháil ar (leis) an gcneadh san gargóchaidh sí: ag bualadh léi nó ag scríobadh dhi. Mé ar do lorg ins gach aon áit is gnóth tábhachtach agam díot is maith an teagmháil í go deimhin féin: an tárlachtaint ar a chéile. Ná bíodh aon teagmháil agat lém chuid airgid: baint: ná buail barra méire air. Ní maith an rud dod shláinte an iomad teangmhála leis an mbraon do bheith agat: bheith ag ól breise. An aindeis atá riamh ortha is í atá ortha anois leis, rud éigin ag teagmháil riamh dóibh: ag tuiteam amach ortha. Budh ghránda an teagmháil í, é do thuiteam lé faill is a mharbhadh: tárlachtaint. Ráinig teagmháil bheag éadtrom idir dhá sceighte d'armáibh na namhad: troid neamh-thábhachtach. Dá mbeadh a fhios agam cad a bhí lé teagmháil dom ann is fada as d'fhanfainn: lé tuiteam orm. Budh mheasa dhom an dara teagmháil ná an chéad cheann, is mó do chailleas: an chéad tionóisc: tárlachtaint: bualadh liom nó orm. Ní me budh bhun leis an dteagmháil in ao'chor, iad féin a chuir orm: pé rud neamhthaithneamhach a thárlaidh.

teagmhálach: (**teangmhálach, teangbhálach**) *a.* bualadh lé, ar; tárláchtainteach, dréim lé, connstrabhálach, neamh-shíbhialta. Chuirfeadh aon rud teagmhálach in ao'chor air, tá sé chómh tinn, leóchaileach san: aon rud a bhuailfeadh nó a bheadh ag bualadh air. Arm teagmhálach a dóthain seadh rásúr gan bheith aireach uirthi: ná beadh i bhfad ag déanamh díoghbhála do dhuine. Bhíodh dubhachtaint na bprátaidhe i bhfad níos teangmhálaighe 'ná mar tá: thagadh sí níos minicighe agus níos truime. Fógraim ort gur teagmhálach duit má théighir in aon ghiorracht don dtarbh fiadhain sin: conntabharthach: go n-éireóchaidh droch-rud éigin duit. B'fhearr duit gan teanga chómh teagmhálach do bheith agat, agus labhairt níos cneasta leis na daoinibh: chómh neamh-shíbhialta. Budh chreideamhnaighe dhuit an teanga theagmhálach san agat do chongbháil ina tost go minic 'ná leigeant léi: a bhíos ag cur isteach.

teagmhálaidhe: (**teangmhálaidhe, teangbhálaidhe**) *f.4.* duine a sháthas a cheann i gcúraimidhibh iasachta; aon neach a bhuailfeadh lé duine is go dtiocfadh rud éigin dá bharr; eadránaidhe. Ní mar sin d'fhágas an seómra so airéir tháinig teagmhálaidhe éigin a iompuigh cill tuathail é: bacúnaidhe, duine ná féadann leigeant do rudaidhibh ná baineann leis. Mall san oidhche is é amugha ameasc na sráideann i gcathair iasachta do bhuail teangmhálaidhthe leis a shlad é: daoine a chuir isteach air. Thiocfadh sé abhaile go breágh, galánta gan aon rian óil air mara mbeadh na droich-theangmhálaidhthe a mheall chuige é: dream go ndeárna sé cómhluadar leo. Nár luathuighidh Dia mo phádh chugham-sa a dhein aon teasardha eatartha, beidh buidheachas an teagmhálaidhe anois orm: an té a chuireas a cheann i gcúraimidhibh dhaoine eile gan iarraidh .i. gráin is leamhas. Ní raghadh an cúrsa so chómh fada ná chómh holc in ao'chor mara mbeadh teangmhálaidhthe a spriog is a shéid fés na daoinibh: eadránaidhthe ná rabhthas ag iarraidh a gcúraim ortha. Idir dheagh-theagmhálaidhe is dhroch-theagmhálaidhe níor bhuail neach riamh liom gur mó dá dhuadh fuaireas: daoine, idir olc is maith a choidrigheas. Budh mhaith an teagmhálaidhe taistil dom é, thug sé eólas na slighe dhom: duine a casadh ar an dturus liom.

teagmhálaidheacht: (**teangmhálaidheacht, teangbhálaidheacht**) *b.3.* baint, coidreamh, conbharsáid. Ní maith leis aon teagmhálaidheacht lé hairgead dhuine eile do bheith aige, ar eagla go n-éireóchadh aon bhotún do: aon bhaint, láimhseáil, coimeád, iomchar etc. Is fada ó labhradar lé chéile, ní bhíonn aon teagmhálaidheacht aca lé chéile: aon choidreamh: aon chúram a bhéarfadh chun a chéile iad.

teagmhálaim: (**teangmhálaim, teangbhálaim**) *b.a. & n-a.* buailim lé, ar, bainim lé, coidrighim, tárluigheann dom. Ná teangmháil leis, is cosamhail lé beich é: ná bain leis, ná buail oiread is barra méire air, tá sé ró-lasánta. Mara mbeadh go dteangmháltar leis níor bhaoghal d'éinne é: go gcuirtear isteach air, go ndéintear rud éigin leis a spriogas é. Dubhairt sé liom gur theangmhálais san Iodáil air, agus é ag taisteal ann: gur bhuailis leis. Dá dteangmháladh a leithéid airís dom do chríochnóchadh sé me: dá dtárluigheadh, dá dtuiteadh amach orm. Dá dteangmhálfá sa bhaile mhór air a mháighistir níor bhuail riamh leat: dá dtárluigheadh leat gan choinne. Teangmhálann rud éigin i gcómhnaidhe don nduine chéadna: tuiteann tubaist nó mío-ádh air. Teangmhálfam lé (ar) chéile airís: tarlócham, tiocfam treasna. Dia go bhfóiridh ort má theangmhálann aon rud don iasacht san: má éirigheann aon ósbairt di: má imthigheann faic uirthi.

teagmhálta: (**teangmhálta, teangbhálta**) *a.r.* buailte lé, ar a chéile; tárluighthe. Cé gur minic teagmhálta ar a chéile sinn i láthair na dighe níor iarr sé riamh orm an raibh béal orm. Dá mbeadh an tairnge teagmhálta leis an mbeó ag an gcapall bheadh sé bacach: buailte uirthi. Aithnighim ar an airgead so go bhfuil teagmhálta cheana leis: go rabhthas ag méaráil leis: ag déanamh cruisteach éigin air. Is cuma dho anois, tá teagmhálta dho: rud éigin tuitithe amach air nách bail do. Cad tá teagmhálta dhuit go bhfuil fuil ort?: tárluighthe duit. Nách olc atá sé teagmhálta dhóibh: tionóisc nó iomard. Tar éis bheith ag faire ar a chéile le tamall fada tá an dá arm teagmhálta ar a chéile: tugtha fé chéile. Bír droich-theagmhálta furmhór do shaoghail lé déidheannaighe, pé rud atá tagtha ort: ní bhír cneasta ná síbhialta. Is deagh-theagmhálta an bheirt sibh, is deacair teacht eadraibh: is maith mar thárlabhair ar a chéile.

teagmhas: *f.1.* tárlachtaint, rud mar thuiteann amach, réim imtheachta, rud éigin a thárlóchadh nó ná tárlóchadh ach go mbeadh dóigh go bhféadfadh. Teagmhas maith don bheirt aca gur bhuaileadar lé chéile dheineadar árd-mhaith dá chéile: tárlachtaint. Teagmhas dob eadh é go leanfaidh a dheasca tamall maith me: rud a thárlaidh go hobann is gan choinne leis. Is iomdha teagmhas ina bheatha gur thárlaidh duine maith air maidir lé droch-dhuine: tuiteam amach. Ar teagmhas go dteipeadh seisean orainn bhí cúltaca againn a raghadh ina ionad: i gcás go dtárlóchadh a leithéid.

teagmhasach: *a.* cinneamhnach, lé seans. Urchar teagmhasach a bhuail me: urchar nár tugadh fé leis. Go teagmhasach do stroill an scian as mo láimh 'on bhfarraige, aon leigheas ní raibh agam air: lé cinneamhaint.

teagmhuighim: (**teangmhuighim, teangbhuighim**) *b.a. & n-a.* buailim lé, tárluighim ar, ránguighim, tuitim amach ar. Cad theangmhuigh duit nár chóimhlíonais do gheallamhaint, bhíomair lán-deimhnightheach ná teipfeá: thárlaidh: thuit amach ort a choisc thu. Teangmhóchaidh do fós dá fhaid bheidh ag rith leis: tuitfidh cinneamhaint air:

déanfaidh sé a bhotún, etc. Cad theangmhuigh dod chois go bhfuilir daor-bhacach?: cad imthigh uirthi? Ar theangmhuigh aonnidh riamh as an gcainnt ghoirgigh úd a bhí eatartha?: an dtáinig sí chun críche ar aon chuma? B'fhearr liom gan an duine do bheith mar chúram orm, cad dhéanfainn dá dteangmhóchadh aon rud do, is orm do cuirfí an mhilleán: dá n-éirigheadh aon mhísheól do. Ná teangmhuigh choidhche lé duine malluighthe, ní hiontaoibh é: ná cuir isteach air: ná déin aon rud a thabharfadh cao dho ar lasadh chughat. Aon rud ní heól dom ina thaobh, níor theangmhuigh an duine riamh liom i mball ná i mbeárnain: níor bhuail liom: níor thárlaidh. Lá theangmhuigh ar bhóthar an bhaile mhóir: thárlaidh dom bheith ag gluaiseacht air. An dteangmóchadh leat é do dhéanamh, an dóigh leat?: an éireóchadh leat? "Buailfead thu" – "is duit a theangmhóchaidh": is tusa a bheidh thíos leis má dheinir.

teagmhuighthe: (**teangmhuighthe, teangbhuighthe**) *a.r.* tárluighthe, tuitighe amach; buailte lé rud éigin ait i gcómhnaidhe. Cad tá teagmhuighthe dhuit anois?: cad atá éirighthe dhuit! Mo mhairg, tá teagmhuighthe dhóibh tar éis na hoidhche: mísheól, iomard nó tionóisc tuitithe ortha. Aithne fara na seacht n-aitheanta do bhí agam-sa ar an mbarránach san, bhí sé teagmhuighthe orm (liom) go mion agus go minic: buailte liom, tagtha treasna orm. Is cuma dho anois, tá teagmhuighthe dho: cinneamhaint nó mísheól éirighthe dho: rud éigin bun os cionn. Is minic san teagmhuighthe cheana: an rud céadna san tuitithe amach.

téagrach: *a.* láidir, acfuinneach, strusamhail, taithigeach, seascair. Lé tamall anois tá sé téagrach go maith san áit gur aistrigh sé, ní mór den tséan do bhí aige mar a raibh sé: go maith as. Chuir sé chuige go téagrach, níor dhein sé aon dá leath dá dhícheall: go teann, fuinneamhail. Bhraithfeá téagrach féd mhéireannaibh é, tá stuif mhaith ann: teann, taitigheach, reamhar: dus ann.

téagracht: *b.3.* méid, toirt, méid cabhlach. Raghaidh na hainmhidhthe i dtéagracht mar tá na cnámha fútha nuair gheóbhaidh siad an féar: fóirlíonfaid is tiocfaidh toirt ionta. Im théagracht súd atá an neart: toirt agus déanamh cabhlach. Ní fhéadfaidís gan meádhachtaint do bheith ionta is a dtéagracht: a dtoirt maidir lé leathad reimheadas cuirp.

téagraim: (**téagruighim**) *b.a. & n-a.* téighim i méid, i dtoirt, neartuighim, teannaim, daingnighim. Nuair aosóchaidh sé, níl amhras ná go dtéagróchaidh sé, is é cuma atá air é: raghaidh a chabhail i leathad is i dtoirt.

teallach: *f.1.* teinnteán, ionad teine, teine ghabha, árus cómhnaidhthe. Bainfead mo theallach féin amach, is é is buannamhla dhom: raghad chun mo thighe féin, is ann is féidir liom mo rogha rud do dhéanamh. Is sirriam teallaigh gach fear ar a theinnteán féin: bíonn lán-chómhacht aige ar imtheachtaibh an teaghlaigh. Ní fheadar ó neamh anuas cad is ceart dom do dhéanamh, tá m'aigne ina teallach ceárdchan: tá mearbhall is meascán mearaighe orm. Níl aon oidhche san mbliadhain ná go mbíonn dáil teallaigh sa tigh sin ag suathadh imtheachta na huaire: cóisir. Ní ólfainn é sin ach an oiread agus d'ólfainn uisce teallaigh: an t-uisce a fhuaras iarnaidhe teó. Teallaire teallaigh, peata baintreabhaighe agus madra muilteóra ní trí peataidhe is mó amuigh. Teallach ceárdchan: teine ghabha.

teallachas: (**tlachas**) *f.1.* soláthar, cnuaisciún, tiargabháil, árus. Óir ná raibh aon teallachas déanta i gcóir a shaoghail aige, ar theacht den aois air ní raibh i ndán do ach tigh na mbocht: aon lón déanta aige. Níl de rian aon teallachais anois ann, mar a raibh baile tráth, ach na fothracha: rian áitribh nó cómhnaidhthe. Déin teallachas, ná caith a bhfuil agat, nuair bheidh an chuid dhéidheannach caithte agat seadh bheir in aithreachas: cnuaisciún: cuir i gcrích ádhbhar i gcóir an lae chruaidh. An bhfuil aon teallachas déanta indiu agat, beag ná mór?: soláthar: faic de dhuadh an lae. Duine go raibh teallachas ann ar céad cuma, is a rian air, tá rud aige: crích: cur lé chéile.

teallaire: *f.4.* duine droch-mhúinte, go mbíonn gach re seadh aige, go mbíonn deiliús ann. Nách é an teallaire é agus freagra athumhalta mar sin do thabhairt ar cheist shíbhialta: árd-mhíbhéasamhail. Is ag leamh-gháiridhe is ag tithireacht fúm do bhí sé ghá rádh liom go bhfaighinn in aon áit eile an rud a bhí uaim agus a fhios ag an teallaire go fíor-mhaith ná faighinn: duine droch-thagartha. Níor bhuail éinne riamh a mhéar ar an rud leóchaileach san ach teallaire éigin: eadránaidhe gan béas, gan géilleadh aige do rudaidhibh is eól do ná baineann leis. Gheóbhfá teallaire ar do bhaile féin, b'fhéidir, díreach mar gheóbhfá in aon bhall ar do shiubhaltaibh: duine gur bheag aige tarcuisne do thabhairt duit. Éirigh de san, ní bhíonn aon teacht anuas ar theallaire scoile: cabaire: a bhíos deiliúsach ina chainnt is ina iomchar. Bhailigheadh teallairidhe na háite isteach air ist oidhche ag déanamh fonmhóid fé: rudaidhe óga míomhúinte: dailtínidhe. Teallaire ar fad dob eadh é ar scoil, chrithimís nuair fhreagradh sé an máighistir lé n-a dháine is a athumhaltacht: labharadh sé go mí-bhéasamhail, drochmhúinte.

teallaireacht: *b.3.* dailtíneacht, mí-bhéasamhlacht, droch-mhúinteacht, bruadaireacht, cabaireacht. Nuair loirgeas mo chuid mhín, mhacánta air is amhlaidh adubhairt gur mó do theastuigh sé uaidh féin, go mb'fhéidir go bhfaighinn uair éigin agus mar sin, b'shin teallaireacht agat: dánaidheacht míbhéasamhail. Tabhair do bhóthar agus cuir uait do chuid teallaireachta ag magadh fé dhuine a dhéanfadh sean-athair duit: gearr-chainnt gan béas. Teallaireacht is ní maith is mó do gheóbhfá uatha san: go leór gearr-aighnis. Ní éisteóchainn léd chuid teallaireachta ag cainnt go neamhmheastamhail ar cheann riaghaltais: ceal urrama.

teamhair: *b.5.* aoibhinn, subháilceach, seascair, áit chocanach, árd, sho-amhairc; duadh, clampar; ceann, tuath. Is mé atá go sásta anois suidhte ar mo chúilín teamhrach annso cois teineadh: ar shuidheachán sheascair, shubháilceach. Ná bíodh aon mhairg ort, ní haon teamhair agam-sa buadhachtaint ar an scailfhéitheanaidhe sin dá mhéid bóibéis aige: aon duadh in ao'chor. Cé go bhfuil bóthar fada roimis ní haon teamhair aige a thriall do shroichstint fén oidhche: nath, duadh: beart is eadh í ná cuirfidh puinn mairge air. B'ait leis é nár chuireas aon teamhair ann, duine mór ann féin seadh é: aon nath: nár thógas ceann de. Ná cuir aon teamhair air mar olc air, ná leig ort go bhfeicir é: ná bíodh aon áird agat air.

teampall: *f.1.* fán, áit chun adhartha Dé; áit choisricthe, shéanta, roilig. Is iomdha lá thabharfad ar thaobh an teampaill, is ní iarrfaidh mo dhranndal biadh: roilig: so chun a chur in iúil nách puinn buaidhte againn do bheith imshníomhach i dtaobh an tsaoghail seo. Is iomdha lá ar thaobh an teampaill an cloigeann san: adhlactha. Nuair théigheann an

gabhar ’on teampall ní stadann go dtéigheann ar an altóir: daoine ann is má gheibhid aon órdlach in ao’chor ní bhíd sásta gan faid a dtéide d’fhagháil: lé héagconntacht ní heól do dhaoinibh áirighthe cá teóra budh cheart do chur lé n-a ngeámaidhibh. “Bíonn ceathanna sneachtaidh um Bealtaine/ agus caileacha ar leabaidh ag sranntarnaigh/ is mairbh ag tarrac ar theampallaibh”: ghá gcur ’on roilig. “Go rabhadar clann na ndaoine ag cur teampaill suas don Tighearna Dia Israel” (Esra IV. 1): ag tógáil áite adhartha dho. “An é nách bhfuil a fhios agaibh gur sibh teampaill Dé agus go gcómhnuigheann spiorad Dé ionnaibh” (1. Coir. III. 16): áit longuighthe. Chun teampaill (gallda) théigheann sé: áit adhartha Protastúnach. Luathuigh, is ná dein obair theampaill di: mall, leadaránach. Mo chorp go dtéighidh sa teampall más me a dhein é: in uaigh.

téanam: *órd.* tagaimís araon, gluaiseam. Téanam abhaile: tair abhaile im fhochair; ach téanaidh (téanaidhidh): tagaidh. Téanaidhidh oraibh: gluaisimís (breis agus beirt). Na trí téanaim is fearr, téanam chun aifrinn, téanam ag daingniughadh, agus téanam chun an mhuilinn. Téanaidhimís ag iascach: scata againn do dhul. An dtéanfá liom chun labhartha leis?: an ngluaisfeá? Ní fheadar an dtéanfadh sé nó ná téanfadh: an dtiocfadh. Dá dtéanfadh sé an uair úd bhí aige: dá dtagadh tar éis glaoidhte air.

teanasc: *f.1.* (**teannasc**) cruadhtan, greim. Tá an teanasc leis an adhairc agat: táir ar adhastar: an sealán fút: greim daingean do-scaoilte ort.

teanchair: *b.5.* tlúth gabhann, prionnsúir. Dá mbeadh do theanga i mbéal teanchrach b’fhearrde do chómharsain é: greim daingean aice ort ná féadfá labhairt.

teanga: *b.5.* ball fada, caol, féitheach, árd-íogair, mothálach, éascaidh ins an mbéal le n-a líghtear is sloigtear; an príomh-bhall chun blais d’fhagháil agus ag an duine chun labhartha; aon rud i bhfeirm teangan; úrlabhra dhaonna; leadhb leathair i mbéal bróige; glagán cluig; lasair, caol, fhada; blúire tanaidhe adhmaid a oireamhnóchadh i gclais blúire adhmaid eile; stráice beag, éascaidh miotail i ngléasaibh áirighthe ceóil. Ní tír gan teanga .i. is é an cómhartha is soiléire ar dhúthaigh úrlabhra fé leith do bheith aice. Tír gan teanga tír gan anam: gan úrlabhra dá cuid féin ní féidir léi maoidheamh in ao’chor. Bhainis an focal as mo bhéal, bhí sé ar bharr mo theangan: ar tí an rud céadna do rádh. Pé easbhaidh atá air ní heasbhaidh teangan é: ceal cainnte. Seachain an teanga liom leat: an duine a bhíos do shíor ar thaobh an té a bhíos láithreach. An dteastuigheann uait go mbeadh a dteanga ina leath-bhéal ges na daoinibh fúm is me do dhéanamh amadáin díom féin mar sin: bheith ag magadh fúm laistiar díom. Is minic do cheanglóchadh do theanga rud ná scaoilfeadh t’fhiacla: a déarfadh duine rud ná raibh aon dul ar dul ina chois. Ná gearradh do theanga do scórnach: ná sceinneadh aon rud uait dob fhéidir do chur id choinnibh lá níos sia uait. Bannlámh dá theangain amuigh aige fúm: lé droich-mheas stealla-mhagaidh. Thug sí leadhb dá teangain do nár fhág aon fhuacht air: íde bhéil: d’ionsuigh sí go maith é. Is iomdha rud a deir an teanga ná bíonn sa chroidhe: rud ná meádhtar. Reamhróchadh do theanga ag cainnt leis sara dtugadh sé tor ort: bheifeá cortha dhe. Go gcrapaidh an teanga agam má osclaim mo bhéal chun thu do chómhairleach airís!: labhairt nár fhéadad. Siúd í an bhean ná fuil crapaithe as a teangain: go bhfuil rith cainnte aice. Barra na teangan díom má dubhairt é: ní me adubhairt é, agus is fada go ndéarfainn. Cleacht foidhne, tá an teanga ró-aibidh agat: nuair thapaidh chun labhartha.

B'fhéidir go n-éisteófá anois, tá an teanga ró-phras agat: bíonn sí ar siubhal nuair budh cheart di do bheith ina tost. Cómhartha ceart go bhfuilir breóidhte, tá screamh (cairt) ar do theangain: bailiughadh salachair. Teallaire leinbh a chuirfeadh (sháidhfeadh) a theanga amach fút. Gaedhealaing mo theanga dhílis (dúthchais): is dual dom. Ná bíodh do theanga id phóca (féd chrios) agat, labhair amach: ná bí balbh. Níl duine go mbeadh eólas ar theangthachaibh aige. "Tá na seacht dteangthacha aige". Béarla b'í teanga na cúirte, Gaedhealaing amháin agam-sa, níor mhór teanga labhartha ar mo chuid fínéidheachta: duine chun a hathruighthe. Seisear againn ann ar teachta chun cómhairle na conntae agus mise mar theanga labhartha orainn: duine a labhras ar son na coda eile agus ar a dtoisc. Ní de dheascaibh an leadhbáin teangan atá aice ná héireóchaidh léi: ceann a ghníos mórán cainnte. Cé ná bíonn aon chnámh sa teangain is minic do bhris sí ceann duine: deir sí lé n-a haimhleastacht rud éigin go mbaintear cúiteamh dá cheann. Níl aon mheirg ar do theangain: tá sí éascaidh mear chun labhartha. Cuir riaghail léd theangain: bíodh a fhios agat cad is ceart duit do rádh. Nuair labhrann sí ní bhíonn aon tsrian lé n-a teangain: tugann sí cead reatha dá glór. Dá mbeadh mo theanga ar mo thoil (cur, cumas etc.) agam is tapaidh do labharfainn: dá mbeadh buaidh cainnte agam. Is líomhtha an teanga atá aige, ní thagann easbaidh cainnte leis: tagann cainnt chuige ar nós an uisce. Ní fhéadfadh mo theanga gabháil tímcheall ar an bhfocal san choidhche: ní fhéadfainn a fhuaimiughadh. An sreangán atá ar do theangain féin ná labharfá?: an cosc atá uirthi? "Is amhlaidh sin as ball beag an teangaidh, agus do ghní mórdháil mhór. Féach, créad é méad an adhbhair lasas re teine bhig" (Séamas III. 5): an ball féin. "...cineadh nách dtuigfe tu a dteanga" (Deut. XXVIII. 49): úrlabhra, cainnt. "Bídh drong ann a labhras cosamhail ré sáithibh cloidhimh; acht is sláinte teanga an eagnaidhe" (Seanráidhte XII. 18): cómhrádh. "An té aga mbí croidhe crosta ní fhágann sé maith ar bith; agus an té aga mbí teanga mhillte tuitidh sé n-a urchóid" (Seanráidhte XVII. 20): cómhrádh is cainnt olc. "Agus do dhoirt an cúigeadh aingeal a shoitheach ar chathaoir an ainmhidhe, agus do rinneadh a ríoghachd lán de dhorchadas; agus do chognadar a dteanga re hiomad doilgheasa" (Taisb. XVI. 10): lé buile, éadóchas is crádh. "Foileóchthar thú ó sciúrsa na teangtha; ní mó bhias eagla an scriosta ort an uair thiocfas sé" (Iób V. 21): buirbe is easmailt. "Óir an té labhrus a dteangaidh choimhthighe ní ré daoinibh labhras sé, achd ré Dia; óir ní thuigeann éanduine é, bíodh go labhrann sé rúindiamhradh san spioruid" (1. Coir XIV. 2): buaidh teangan éagsamhail. Blas mo theangan de bhiadh ní bhfuaireas ó lucht an doichill: an chuid budh lugha. Ní bhraithfinn an gortughadh san is é bheith ar bharr mo theangan: a shuaraighe ná braithfeadh rud chómh mothálach é. Ná fuil aon teanga id cheann?: cén chúis ná labhrair? Á, mo lámh is m'fhocal duit ná stroillfidh a theanga air: ná déanfaidh aon bhotún cainnte. Sé an clog balbh gan teanga é: an blúire so-ghluaiste miotail a bhíos ar crochadh istigh ann. Beidh an iall ag luighe ar bhrághaid do choise níl aon teanga innte. Rinn bheag thalmhan ag rith amach 'on bhfarraige ina teangain: caol, fada. Níor mhór an díoghbháil dá mbeadh glas ar do theangain tamall: srian chruaidh curtha léi. Ní hag cuimilt mo theangan díot do bheinn-se ach an rud a bheadh lé rádh agam leat do rádh gan scáth gan eagla: bheith go tláith lághach leat. "Gliogairnéis teangan an Béarla", ar seisean agus binb air: úrlabhra gan binneas. Ar a theanga is fearr é: cad ná déanfadh sé ar a bhéal. Ní lia tír 'ná teanga: gach dúthaigh is a húrlabhra féin aice.

teangach: *a.* go dteangain, briosc-ghlórach, cainnteach. Nách fad-theangach na bróga a cheannuighis: leadhb mhór ag éirghe ós chionn an uachtair. Dáltha an scéil, lá éigin

déanfair-se do dhíth féin táir ró-fhad-theangach: bíonn an iomad cainnte agat. Éireóchad asat, táir ró-ghéar-theangach dom: aon rud adéarfainn sharófá mé: ró-chliste aiste. Aon fhocal ní thuigim uaidh, tá sé balbh-theangach: ní cheapann sé a chuid cainnte go soiléir. Is gránda an bheith atá air nuair osclann sé a bhéal a bheith chómh lom-theangach: dian, géar, gearrthach. B'fhéidir dá mhéid an chúis mhaoidhte atá aige, dar leis, nách gábhadh dho bheith chómh teann-theangach: chómh tréan, deimhnightheach de féin: mursanta. Ní seódh ná greann atá ann ach é go neimh-theangach ar nós na nathrach nimhe: gomhamhail. Fuair sé cion a dhearmaid an uair úd, mo thuairm go mbeidh sé níos mín-theangthaighe nuair labhrann sé airís: níos tláithe, láighche. Ní dubharthas faic leis a chuirfeadh ceist ná ceisneamh air, bhítheas go caoin-theangach leis: tugadh cainnt ghrádhmhar dho. Is deacair breith ar a chuid cainnte, tá sé mós leathan-theangach as a bhéal: neamh-shoiléir in úrlabhra.

teangadóir: *f.3.* teanga labhartha. B'é an teangadóir cúirte a bhí ann.

-theangaighe: *i gcfhbh.* goilleamhaint ar an dteangain. Laiteann an leathan-theangaighe atá ann é, ní mór go dtuigfeá é: neamh-shoiléire. Labharfadh sé níos éascaidhe mara mbeadh gream-theangaighe éigin do bheith ann: snag. A binn-theangaighe ní raibh ag amhránaidhe eile ar bith lé n-a linn: binneas gutha. Níor thaithnigh sé lé haon fhear a bhí ag obair fé lé n-a ghéir-theangaighe: go mbíonn guibh ar a chuid cainnte leo. Aon tor níl agam-sa ar do theann-theangaighe: cainnt láidir, bhagarthach.

teangaire: *f.4.* órádaidhe, duine go mbíonn breis chainnte aige. Árd-theangaire sluaigh dob eadh é, bhailigheadh sé na mílte ina thímcheall ag labhairt ar sclábhaidheacht do: órádaidhe, cainnteóir don choitchiantacht. Go hoidhche dhubh bheadh an teangaire sin ag cur as: fear mórchainnteach.

teangaireacht: *b.3.* óráididheacht, síorchainnt. Aon cheal teangaireachta níl ortha san, bheidís ag tabhairt teangaireachta go ceann bliadhna dhuit: clabaireacht: síor-chainnt. Ní dhéanfadh a chuid teangaireachta dho é gan é do scaoileadh amach: béalráidhteacht.

teann: *a.* daingean, fóirlíonta, fuaimeantamhail, docht, neamh-ghéilleamhail, córach, fuinnte, cómhachtach, maoidhteach, mágach, téagartha, docht, lántsínte. Dá mbeadh an póca teann agam níor leath-nath liom ádhbhar do chaitheamh, ach nuair ná raibh: líonta amach lé hairgead. Budh chóir go mbeadh neart ann tá géaga teanna fé: déanta córach. Buachaill teann, láidir: córach, fuinnte: déanta dréir a chéile. Gaoth theann ann ná féadfadh an bád polladh ina choinnibh choidhche: docht: séideadh láidir, cómhshnáthach aice. Is teann a labhras an duine: budh dhóigh leat ar a mhaoidhteacht do bhíonn sé nách féidir é do chlaoidhe. Ísligh fíor-bheagán, táir ró-theann, ní bhéarfaidh éinne an luach san duit: ró-dhaor. Ní fuláir nó tá neart ann, tá sé an-theann as a dhrom: déanta, láidir go córach. Labhrais ró-theann, sin oiread is ná fuil agat: ró-árd, ró-mhaoidhteach. Tar éis a choda do chaitheamh bhíodh sé chómh teann lé mála an phíobaire, d'itheadh sé an oiread san: lán go smeig. Bí teann leis, níl sé chómh hantréan agus is dóigh lé daoinibh: dána, neamhghéilleamhail. Ní nár don aindeiseóir labhairt go teann as a chuid airgid: bheith ag cainnt neamhspleádhach as. Cuir díot chómh teann géar is tá id loirgnibh: go mear, tapaidh. Coimeád an téad teann: sínte ar faid go léir. Ná bacadh duine labhairt ró-theann:

neamh-spleádhach, maoidhteach. Is maith teann atá sé as a bholg: bolg mór, cumasach air. Fear chómh teann lé lamhnán: líonta amach d'fheóil. Láir sheang nó cairiún teann: dá saghas is iad is fearr. Chuireadar cath teann gidh gur buaidheadh ortha: throideadar go han-mhaith. Siopadóir teann dob eadh é mara mbeadh san ní fhéadfadh sé an oiread fiach do rith lé daoinibh: é go maith as. Chuir sé dhe go teann, ní mór den bhféar do leig do fás fé n-a chosaibh: go láidir mear. Cuir a thuilleadh gaoithe sa lamhnán, níl sé teann fós: lán amach. Nadhbhóg theann as a drom seadh í: láidir, daingean: do-thugtha. Dúthaigh theann go maith dob eadh tamall í, ach tá an dimileaghadh ag imtheacht uirthi: cómhachtach, cumasach. Fuaireas buille teann sa chorrán a threascair me: buille go raibh fuinneamh leis. An dóigh leat ná go bhfuil an mála (peil, etc.) teann breis as thaobh: iogán air de bhreis ar an dtaobh os a choinne. Táim teann go maith as mo chapall, mar is eól dom a ghníomh: muinghíneach. Níl an falla teann a dhóthain ón dtaobh istigh: láidir: fuaimeantamhail. Fallaidhe teanna fén dtigh sin, seasóchaidh sé tamall maith: adhbhar maith ionta agus iad tógtha go daingean. Bír ró-theann ar na leanbhaidhibh, ní thugair aon phioc dá slighe féin dóibh: ró-dhian: ró-bheacht. Ní fhéadfainn na bróga nuadha so do chaitheamh in ao'chor, táid ró-theann dom: cumhang: táid ag breith ar mo chosaibh. Ní fhéadfadh an mála bheith níos teinne mara gcuirtí i reachtaibh pléasctha ar fad é: níos fóirlíonta, atuighthe. Cuma leat anois go bhfuil bolg teann agat: a choisce bídh ann. (feic **taobhán**)

teann: *f.1.* strus, amhgar, anacair, gábhadh, broid, cabhair, neart, cómhacht, iarracht, foiréigean, forlámhas. Dá mbeadh (an) teann ar a chúlaibh ag an bhfáslach so níor ró-mhaith an earra é: neart, chómhacht is cur leis. B'fhada na feirmeóiridhe sa dúthaigh seo fé theann na dtighearnaidhe talmhan ghá gclipeadh is ghá ndealbhadh: forlámhas, lámh láidir is géirleanamhaint. 'Sé rud díreach a mhill is a chreach é teann a phóca is ná féadfadh é féin d'iomchar: an iomad airgid is gan aon tsrian. Tabharfad-sa teann lé teann má thá fonn achrainn air: neart in aghaidh nirt. Bhíos ar mo theann díchill, ach níor bh'aon mhaith dhom é, chuaidh díom: croidhe díchill: oiread agus b'fhéidir liom do dhéanamh. An t-ádhbhairín mion-phingnidhe a bhí agam chaitheas go dtín leanbh bocht iad lé teann truaighe: neart, breis na truaighe. Is é an dá mhar a chéile dho anois breith breágh bog air nó bheith ar theann a anama ní éireóchadh leis chómh maith: do dhéanamh a bhfuil ina chroidhe. Is fada ó bhaile bheadh bád in aon ló lé teann gaoithe: a neart ag séideadh go cómhshnáthach. An dá arm ag coimheascar go fíochmhar lé chéile – teann ar theann: cómhacht in aghaidh cómhachta. Ina dhrom atá an teann ar fad: an neart. Maoidhid ar an dá thaobh go bhfuil an teann aca féin, agus an dream eile fé chois aca: an lámh uachtair. Mara mbeadh gur himreadh teann éigin ar an ndoras ní brisfí chómh bog san é: éigean: lámh láidir. Is orm-sa raghadh teann na mbuillidhe: is mise a bheadh thíos leis.

teann-: *i gcfbh.* daingean, fáiscithe, greamuighthe, forasta. Long teann-asnach í is a rádh ná deárna piléir gunnaidhe móra aon díth dhi: do bhí cliatháin dhaingne, láidre aice. Níl a bhac ortha bheith teann-aighneasach, tá na daoine fé n-a smacht aca: daoine teann-aighneasacha: labhairt go dána, mursanta. Dúthaigh teann-airm gur rí-dheacair a cur ar lár: arm-láidir. D'árduigh an tuinncéir ruadh teann-bhacla féir leis chun a sheanchapaill: gabháil mhaith, mhór. Báille múrsanta, teann-bholgach gur mhar a chéile é nó sirriam: mór-bholgach ó dheagh-chothughadh. Ar mh'anam féin ná beadh sé leath comh teann-

bhéalach mara mbeadh é do bheith chómh teann-phócach: ná beadh comh dána maoidhte mara mbeadh rud do bheith ina phóca aige. Deineadh teann-bhagairt air sar ar chorruigh sé cos: fógradh a dhíoghbháil go trom. Chuir sé teann-bhata ina luighe ar an rábaire as an dtigh: bata trom, láidir. Rachfad i dteann-bhárc thar dhruim na bóchna siar: long dhaingean intseólta. Iad chómh teann-chasta san ar a chéile ná raibh aon dul ar a réidhteach: casta, fáiscithe go dlúith. Bhíodar ag teann-chur a mbuillidhe i bhfeidhm orm is gan chao chosanta agam: ghá gcur ina luighe go dian braithteach orm. B'iongtach an rámhaidheacht a dhein sé lá an anaithe, cé hé adéarfaidh ná raibh sé teann-chuisleannach: láidir, daingean, lúthmhar, buan as a ghéagaibh. D'iomcharóchadh an capall teann-chliathánach san aon ualach do cuirfí air: cliatháin láidre, dhaingne, fhuinnte. Is iomdha teann-chaismirt curtha idir an nGearmáin agus an Rúis lé bliadhain: cathanna fíochmhara. Ní ró-fhuraiste dul isteach in aon chaisleán aca, táid go teann-dhóirseach: dóirse go bhfuil fulang aca ar shuathadh. B'fhiú bheith ag féachaint ar an mbeirt aca ag teann-dóirneáil: ag gabháil ar a chéile go cealgánta, cuthaigh. Sin blúire éadaigh go bhfuil buancas is caitheamh ann, tá sé fighte go teann-dlúith: go fuinnte, fáiscithe. Dúnadh cómh teann-daingean san an bosca nár bh'fhéidir a oscailt gan a bhriseadh go fuaimeantamhail: fáiscithe, do-scaoilte. Ceist theann-deacair gur bheag a gheóbhfaí a réidhteóchadh í: an-dhocht ar fad. Níor ghábhadh dho bheith chómh teann-dhruidte as a phóca is a fheabhas atá sé as, fágfaidh sé ina dhiaidh é: sprionnlaithe, neamhfhial. An té go mbíonn cur leis aige ní deacair do bheith teann-dána: úghdarásach, tighearnamhail. Bainfidh an obair seo teann-dúiseacht as chnámhaibh an leisceóra: cuirfidh sí go dtí n-a aon bheart é. Níl aon bhaoghal ná gur thug sé teann-eitim ar dhul i dtalamh ach go raibh an fharraige ró-shuaidhte dho is an áit ró-achrannach: iarracht iongtach, thapaidh. Deineadh teann-éagcóir ar an bhfear bocht, sin é chuir as a cheart é: éagcóir throm, ghéar. Chuir an fharraige teann-eagla air ná raghadh sé in aon ghiorracht di: eagla thar eagla. D'fhág sé a bhean, thugadh sí teann-easbhaidh dho: ní bhfaigheadh sé in aon ghiorracht dá dhóthain uaithi. Póca ró-lag atá agam chun na dteann-earraidhe sin do cheannach: ró-árd i luach. Nách é a ghaibh tríd an dteann-éigean, ar a theicheadh de ló is d'oidhche ná feadair cá bhfaigheadh greim lé n-itheadh ná néall do chodladh: an t-amhgar is an cruadhtan ró-dhian. Táthar 'san teann-éileamh orm agus gan faic agam a dhíolfadh m'fhiacha: ag lorg gan stad is go dian. Dhein an dúthaigh chéadna teann-éirghe dá chlaoidhte bhí sí thar céad chogadh an domhain: éirghe éachtach. Siúd é an teann-fhear agat go bhfuil rian an bhídh is na sláinte air: fuinnte, córach. Bíonn teann-fharraigidhe tímcheall na n-oileán agus iad conntabharthach don té ná beadh taithighe aige ortha. Is fada go dtabharfainn déirc do theann-fhámaire bacaigh mar é ach leigeant do dul agus é do thuilleamh: mór, cothuighthe, láidir. Is fé bhí an teann-fhaobhar ag imtheacht do leis an eagla: é ag gluaiseacht go fuadrach. Dá bhfeictheá an teann-fhéachaint do thug sé orm, budh dhóigh leat gur cúis mo chrochta bhí orm aige: amharc dhána, neamhchaoin. Cé gur aithnigheas ar an gcallán a bhí aca go raibh teann-fhocail eatartha ní fheadar cad air go rabhadar ag áiteamh: focail láidre, dhaingne. Is í an bhean bhocht a dhein an teann-fhóghnamh don dtigh faid bhí a luadar aice: an chabhair ná raibh ar iarraidh. Aon rud amháin thar a bhfeacaís a chuireadh teann-fhearg air a rádh leis gur bheag é a eolas ar Éirinn: racht feirge: budh dheacair do mhaolughadh. Dá luighead breise bheadh ag duine air is ní mór budh ghábhadh dho, thiocfadh teann-fhormad aige leis: mío-ghnaoi gur dheacair a chiúnughadh. Gach uair a fiafruigheadh de cá raibh a fhuireann thug sé teann-fhreagra ná hinnseóchadh: freagra láidir, neamheaglach. Leis an dteann-ghad a bhíodh ar na daoinibh

b'éigean dóibh nuair hiarrtaidhe ortha é snámhcán ar an dtalamh ar nós na péiste: smacht. Chuir an teann-ghábhadh chun mórán mí-bheart do dhéanamh é ná cuimhneóchadh choidhche ortha dá mbeadh sé neamh-spleádhach: ceal dian. Teann-ghabháil déanta anois ar fhurmhór na hEórapa: í gabhtha de bharr éigin is fé choimeád. Braithim teann-ghabhtha as mo ghéagaibh indiu, níl lúth ná léim ionam. Níl aon teacht anuas ar an bhfear, teann-ghaiscidheach atá ann: duine groidhe, cumasach. Lá teann-ghaothach ón bhfarraige ná raibh ró-chneasta chun seóltóireachta: láidir, gaothmhar. Rug an partán teann-ghreim orm lé n-a órdógaibh ná bogfadh gur briseadh de iad: fáscadh dlúith, daingean. Ná bac an té a bhíos teann-ghlórach, ní fusaide bheith tréan ná tuiteam: maoidhteach. Caith air an t-ualach, níl aon bheann aige air, tá sé teann-ghuailneach: guailne láidre, dínce, daingne air. Má thug sé an teann-iarracht amháin ar é féin do réidhteach as an líon do thug a dathad ach b'fhuar dho a ghnóth: iarrachtaidhe go raibh neart is tathag leó. Nách é atá go deiliúsach, teann-iarratach ag lorg an ruda ná fuil buannacht aige air: ag éileamh go tighearnamhail, dána. Sid é an t-ainmhidhe ná fuil beann aige ar a ualach, is é atá ghá theann-iomchar .i. go bog: gan duadh. I mbéal an bháire (bháide) do ráinig an teann-iomrascáil, taobh ag teann-chosaint is taobh ag teann-ionsaidhe: iomrascáil cholgach, chealgánta. Táir i dteann-ionad annsan anois is ná cuireadh éinne as thu: áit dhaingean, dheimhnightheach agat. Ní maith é bheith teann-labhartha is an ceart féin do bheith ag duine: go gcainnt ró-láidir, ró-bhladhgarach. Aon lá budh mhaith liom é tá an teann-lámh agam air: d'fhéadfainn é do chur fém smacht. Másach teann-leathan a dhéanfadh saothar beirte: déanta, daingean, fuilngtheach. Puth eile ghaoithe ní raghadh sa lamhnán ní fhéadfadh sé do bheith níos teann-láine: foirlíonta, docht, cruaidh. Aon bheann ní raibh aca ar an ndubhluachair ná broid bídh, bhí an teann-lón de istigh aca: cuid mhór, thathaigeach. Dá anacraighe as a chosaibh é bheadh iongadh ort a theann-luainnighe do bhí sé ag cur an bhealaigh de: fuadrach, foirtil, ceólmhar is cur-leis ann. Bhuail sé thiar air teann-mhála ubhall agus ghluais: mála a bhí lán amach go maith dhíobh. Scailfhéitheannaidhe a bhíos go teann-mhaoidhteach as gach aonnidh a bhíos aige dá mbudh ná beadh ann ach uan buinnighe: an iomad bladhgair ar fheabhas a mbíonn aige. Talamh saidhbhir, féarmhar is teann-mharta ag inbhear air: mairt throma, shaille. Chuirfeadh sé a anam ar t'iontaoibh, tá teann-mhuinghín aige asat: dóchas as do ghníomh nách féidir do mhaolughadh. An d'iarraidh cosair easair ar fad lé teann-mharsantacht ataoi do dhéanamh díom?: le mór-úghdarás is tighearnamhlacht. Go mbrisfeadh Dia an croidhe ionam ní fhéadfainn an teann-nasc téad a bhí orm do scaoileadh: greim docht, fáiscithe. Bheadh thiar air mara mbeadh an teann-oileamhaint do fuair sé mar ná raibh ceann air mar bhí a mheas fé: mór-chuid múinte. Ar a raibh de bharaillidhibh is de bhuidéalaibh follamh ann tar éis na seachtmhaine do deineadh teann-ólachán ann: ól mór, fairsing. Thug sé teann-óráid uaidh in aghaidh an droich-dhéanaimh do gheibheann sclábhaidhthe: óráid inar ionsaidh sé go géar, neamh-mín, neamh-eaglach an aiste a bhí ortha. Cuireadh teann-phian air i leith ionchais go scéidhfeadh sé ar a chomrádhaidhthibh ach níor chorruigh é: pian trom, géar, cómhnaidhtheach. Is mór go léir an lán atá fé as a teann-phóca, is ní gábhadh dho san, ní hé féin a thuill a thrian: póca airgeadamhail. Ní stadfadh sé in ao'chor ach ag teann-phriocadh orm: ag síor-ghiobaireacht orm. Is ró-dheacair náire do chur air siúd, tá sé teann-phíobánach a dhóthain: leathan, láidir, curanta as a mhuineál. Nár dhóigh leat nár bh'fhéidir teann-phréamhacha an chrainn do stathadh ar an dtalamh: préamhacha reamhra, láidre, tathaigeacha. Budh gheairrid do bhí arm Shasana i dtalamh san bhFrainnc gur cuireadh

teann-ruathar ortha: ruaig agus teicheadh. Níl a bhac ortha go mbíonn an teann-rachmas aca ollamhaithistidhe do bheith aca ná bíonn ag daoinibh bochta: leór-dhóthain de thogha is rogha go haon ruda. Is baoghalach ná cuirfidh sé céadamhadh cuid a theann-ráidhte i bhfeidhm: cainnt mhaoidhteach, mhórfhoclach. Teann-raistidhe ag teacht de dhruim an chnuic a fhliuchfadh go cnámh thú: ceathanna troma, fuinneamhla. Cosa teann-reamhra: beathuighthe, fóirlíonta. Ní raibh aon rud dá ndubhairt sé ó shoin ná gur thug sé teann-réasún leis: láidir, fuaimeantamhail. As a chorp bhí sé chómh teann-righin sin ná goillfeadh teas ná fuacht air. Má dhein éinne riamh teann-rith dheineas d'iarraidh breith ar an dtraen, bhí mo theanga amuigh lé saothar agam: rás an-mhór. An dá thaobh ag teann-rúscadh a chéile lé gunnaidhibh móra: ag caitheamh go fíochmhar, dásachtach. Gan teann-shaidhbhreas do bheith aige ar a bhfuil caithte aige is fadó bheadh sé bocht, dealbh: saidhbhreas budh dheacair do dhísciughadh. Faid gach nfhaid do bhíomair ag teann-sháthadh i gcoinnibh na gaoithe, gan aon dul chun cinn do dhéanamh: lé mór-neart agus dícheall. Táir a fhaid ag itheadh anois is go mbeifeá teann-sháithte más féidir do dhóthain in ao'chor do thabhairt duit: sásta de bhiadh amach 'samach. A thuilleadh struis ní féidir do chur ar an dtéid, tá sí chómh teann-shínte agus is féidir do bheith: sínte, tairringthe in iomláin. D'éirigh leis ar gach teann-scrúdughadh go faoibín: dian, deacair. Thug sé teann-shúil orm lé míchéadfadh, a chuir ar crith me: amharc láidir, mío-thaithneamhach. Baineadh teann-tharrac as an dtéid gur tógadh liom san aer: stathadh docht, doi-sheasaimh. Nuair leagadh me baineadh teann-truist ar an dtalamh asam a cloisfí tamall ó bhaile: tuiteam go raibh fuaim mhór leis. Níl aon áit dá ngeóbhadh sé sa cheanntar so ná go bhfuil teann-tacaidhe aige: cabhair mhaith chónganta. Mise an fear a thabharfaidh an teann-tuairisc ort, ná bíodh baoghal ná go molfad thu: cunntas sár-mhaith. Leig an madra teann-uaill as a bhainfeadh geit asat nuair buaileadh é: uallfairt mhór, thruaighmhéileach. An teann-uireasbhaidh do chuir ag goid é: ceal géibhineach. Déanfad teann-urradhas air ná teipfidh sé: raghad fé go láidir agus déanfad tacaidheacht leis.

teannach: *f.* Cuireadh ar an mbórd chuige rud uathbhásach – cloigeann gan teannach: gan teanga.

teannadh: *f.* (*-nta*) borradh, fóirlíonadh, cruadhadh, neartughadh, fáscadh, daingniughadh, dlúth-dhruideam, tacaidheacht, teanntughadh; fóirneart, duaibhseamhlacht, brughadh, cómhacht etc. Is ag teannadh atá an ghaoth in ionad maoluighthe: neartughadh, cruadhadh: ag dul i ndoichte. Ag teannadh isteach ar an gcaladh-phort fé rop seóil!: ag druideam leis go dlúith, daingean, d'aindeóin na gaoithe. Uidh ar n-uidh tá an namhaid ag teannadh leis an gcathair d'aindeóin na cosanta atá dhá dhéanamh uirthi: ag brughadh isteach chúiche d'aimhdeóin constaicidhe etc. Bleaigeáirdín toghtha é sin go mbíonn a mhuinntir ag teannadh thiar leis, is cuma cad dhéineann sé as an slighe: ag éirghe as a thóin: ag déanamh go haonnidh leis mar oireann do: ag tabhairt do go rabairneach. Is geairrid anois go mbeidh cath áidhbhéil ann, tá an dá arm ag teannadh lé chéile: ag druideam níos giorra dá chéile ar intinn troda. Bídh ag teannadh ó chéile: ag tarrac go lántsínte pé rud atá eadraibh. Ná bí ag teannadh uaim: ag tarrac (téad, snaithín, éadach, etc.) uaim: ag druideam uaim. Dá mbeadh aon teannadh lém dhrom bheinn níos seascaire: taca. Dá mhéid a labhair sé is ag teannadh air do bhí sé ag méadughadh: a chuid cainnte ag dul i neart. Aon fhaoiseamh níl dhá fhagháil ón bpian agam is ag teannadh orm atá sé: ag dul i ndéine is i ngéire. Ag teannadh na téide: ghá

tarrac go mbíonn lántsínte. An sutha ag teannadh a bhuilg lé biadh: ag fóirlíonadh: ag déanamh craois. Tugaim fé ndeara thu ag teannadh lé déidheannaighe, ní tú an duine caol, seang a bhí in ao'chor ann: feóil ag teacht ar chnámh agat. Leis an dtaisireacht aimsire seo tá mo chnámha ag teannadh, aon luadar níl ag fanacht agam: ag stangadh: an éascaidheacht ag imtheacht asta. Mo bhaon thu, is tú do dhéanfainn do theannadh lém chroidhe: d'fháscadh: do bharrógadh. Chuirfeadh an t-uallfartach náire ort ag faire air ag teannadh feóla siar ina chraos: ghá brughadh: ghá palcadh. D'eitigheas dhá uair, trí huaire, ach is ag teannadh orm do bhí sé é do thabhairt do: ag tafant. Ná bí ag teannadh orm teacht id theannta, níl aon fhonn orm, is oth liom: ag tafant, ag iarraidh go dian. Teannadh na cléithe leis an gcois bhriste: fáscadh is tacaidheacht. Teannadh fola: rith na fola do bheith thar meón. Dá mbudh me thu ní dhéanfainn aon teannadh puinn air, ach leigeant do ar a shlighe féin: iomad tafanta do dhéanamh air i gcoinnibh a thola. Ó thosnuigh an cogadh tá earraidhe ag teannadh go mór, cuid aca ná féadfá baint leó lé daoire: ag árdughadh i luach.

teannaim: *b.a. & n-a.* cóimhshínim, tairringim, fotha fola ar bith go dtagann as, fáiscim, cruadhaim, borraim, daingnighim, brughaim, tafantuighim, gríosaim, ionsaidhim, druidim lé, tacuighim. Do teannadh gach aonnidh dá fheabhas leis riamh ó bhí sé ina leanbh, ní hiongadh é do bheith go maith: tugadh do iad go rabairneach. Ná bíodh aon fhaitchíos ort roimis, níl sé chómh antréan agus is dóigh leis, teann leis isteach: brúigh, druid, daingnigh. Is dóigh liom go dteannfad leis an dtigh, tá an deireannaighe ag druideam liom: druidfead leis, gluaisfead fé n-a dhéin. Teann liom nó stroillfead, tá an áit an-shleamhain: tacuigh liom: déin teannta liom. Má tá san lom, tanaidhe féin teannfaidh sé leis an aimsir: tiocfaidh breis bláthais ar an gcnámh aige: fuinnfidh is líonfaidh. Mo thruagh é, is a rian air, is leis nár teannadh: ná fuair na nidhthe a bhí ag teastáil uaidh .i. biadh, gannaidhe na beatha, etc. Ná tabhair aon tsos do, teann air: lean air go dian. Teann chughat an téad, tá an iomad di ar sileadh: tairring í go dtí go mbíonn sí cóimhshínte. Teannaidh ar an mbád a cuid anairte, tá na báid eile ag buadhachtaint uirthi: árduightear uirthi í. Teann liom, ní fhéadfainn so do shíneadh chughat, táir ró-fhada uaim: druid liom: tair níos giorra dhom. Teann uaim an t-éadach: tairring é faid agus raghaidh. Má táim-se geanncach teannfar púint liom: neartófar airgead liom má tá easbhaidh dathamhlachta féin orm. Mara dteannann an ghaoth níl sé ró-chonntabharthach dul ar farraige: mara neartuigheann, cruadhann. Teann aniar liom: sáthaidh liom: déin tacaidheacht liom. Theann an cladhaire í: chlannuigh í. Teanntar an dlighe ó thalamh anois lé héinne a ghoideann rothar: cuirtear an dlighe go géar is go trom air. Níor theannas aon chainnt leis, d'fhágas ar a bhuille é: níor thugas gach re seadh dho: níor thugas an saghas cainnte dho a thug dom. Is amhlaidh mar tá an scéal gur theannamair féin an luach ar a chéile: gur árduigheamair.

teannaire: *f.4.* aon rud a dhéanfadh teannadh; duine a choimeádfeadh ceann cuinge. Dá mbeadh teannaire fé chois na cathaorach bheadh sí níos socra: aon rud mar theannta. Is é an teannaire é chun bheith ag obair do, ní mór an sos ná suaimhneas do geóbhfaí uaidh: duine dian, docht. Creid me leis go bhfuil neart capaill sa teannaire sin: duine fuinnte, láidir.

teannaireacht: *b.3.* doichte, cruadhacht, dánaidheacht, déine, géibhineacht, tacaidheacht. An iomad teannaireachta do deineadh leis an bpeata, gan aon duadh aire go haon rud d'fhagháil in ionad oibriughadh ar a shon: tóin-leasughadh: cabhair. Dá fheabhas a oibrighim dho ní mó ná sásta bhíonn sé, is ag teannaireacht orm do bhíonn: ag dul i ndéine is i ndoichte.

teannamhail: *a.* docht, dian, láidir, dána, deiliúsach, maoidhteach. Mara mbeadh é do bheith ina thigh féin ní bheadh sé chómh teannamhail ag cainnt, ní lé meisneach in ao'chor atá sé: chómh dána, deiliúsach. Labharfad chómh teannamhail leó agus is mian liom, aon phioc eagla níl orm-sa roimh a gcuid gothaidhe: dána. Bíonn sé riamh teannamhail as a ghníomhtharthaibh, budh dhóigh leat air ná féadfadh éinne aonnidh do dhéanamh chómh maith leis: maoidhteach. Gaoth chómh teannamhail sin ann is nách mór an dul chun cinn d'fhéadfainn do dhéanamh ina coinnibh: docht, láidir. Dá mbeadh an lamhnán níos teannamhla phléascfadh sé: níos fóirlíonta.

teannamhlacht: *b.3.* doichte, foirlíontacht, neart, dáine, deiliúsacht. Lé teannamhlacht an phuill ní fhéadfainn an dola do chur tríd: cumhainge, doichte. Chuaidh díom an bád d'aighnliughadh lé teannamhlacht na gaoithe: doichte: neart dian, cómhnaidhtheach. Le teannamhlacht na carraige léimeadh an t-órd di ar gach buile: a cruadhacht is a deacracht do scoltadh. Ní foidhneófaí lé puinn teannamhlachta uaidh ar scoil is ruaig an máighistir é: teallaireacht: cainnt is iomchar neamhmheastamhail.

teannas: *f.1.* doichte, fóirlíontacht, cruadhacht, daingneacht, géibhineacht, smacht, dlúitheacht, neamhspleádhachas. Níl aon teannas ag teacht sa lamhnán, ní fuláir nó tá mion-pholl éigin ann: borradh, méid is daingneacht. Is mór an teannas é ná glacfadh sé aon rud budh dhóigh leis a chuirfeadh fé chomaoin ag éinne: neamh-spleádhachas. An teannas ar fad in aghaidh an tsluaigh a bhí ina choinnibh a chuirfeadh an meas agat air: neamhghéilleamhlacht. Cad is bun leis an dteannas atá sa chnapán tinn, ná féadfá rian do mhéire d'fhágaint ann: foirlíontacht is daingneacht. Is furaist aithint neart do bheith ina ghéagaibh d'aithneófá é ar an dteannas atá ionta nuair bhraithfeá iad: daingneacht fé luighe na méar. Ar an bhfuarmáil a bhí ag gaoith na hoidhche airéir do bhí teannas innte: neart cómhshnáthach, cómhnaidhtheach. Lé n-a dteannas i bhfochair a chéile budh dheacair iad do scacramhaint: a dhlúitheacht a bhíodar curtha lé chéile. Bíonn an iomad teannais ge n-a mhuinntir leis sa bhaile, ní bhíonn cead aige aonnidh do dhéanamh: bítear ró-dhian air.

teannóg: *b.2.* duine déanta, fuinnte, foirlíonta. Teannóg de chailín go gcuirfeadh sé breághthacht ort bheith ag amharc uirthi ag déanamh a gnótha: fuinnte, córach, anamamhail. Teannóg fhir a iomcharóchadh cuid mhaith ar a dhrom leis: duine íseal, talmhaidhe, fuinnte.

teannta: *a.r.* cóimhshínte, fáiscithe, daingnighthe. Bíodh an téad chómh teannta agus is féidir, ná tiocfadh órdlach eile aiste. An lamhnán chómh teannta san is go raibh sé i rachtaibh pléasctha: borrtha: foirlíonta. An siota chómh teannta san agam gur luigh an bád lé neart na gaoithe: tairngthe chómh dian. A phóca chómh teannta is ná raghadh

pingin eile ann: foirlíonta. Anairt na luinge teannta go dtín taoinnte: sínte. Níl aon rud ag baint leis an mbád san ná go bhfuil teannta ó thalamh: fáiscithe, daingnighthe.

teannta: *f.4.* tacaidheacht, taca, earcail, cabhair, greim, greim cos, banna, urradhas. B'éigean teannta do chur leis an bhfalla bhí sé ag scéidheachtaint: rud mar bíoma nó saile nó ath-fhalla chun an fhalla do chongbháil ina seasamh. Cuir teannta thiar lé n-a cheann, tá sé an-lag: aon rud mar cúilín nó adhairt chun a árduighthe d'fhonn a bheith seascair. Dá mbeadh teannta fé chois an bhúird ní bheadh leath-cheann air: rud éigin fúithi a árdóchadh í d'fhonn go mbeadh sé ar comhthrom. Duine bocht mar é is iongtach chuaidh sé ar aghaidh gan puinn teannta leis: tacaidheacht: cóngnamh chun a churtha ar aghaidh. Táim ró-thréith chun siubhail lé teannta féin: lé cabhair fém osclaibh, bata nó a leithéid. Clann ró-óg fós atá aige chun teannta do bhaint asta: cabhair chun martha. Is tu ná fuil an teannta ionat: tacaidheacht: cóngnamh do dhuine ar aon tsaghas slighe. I dteannta an fhalla do tháinig sé ón ndoras go dtín teinnteán: lé n-a lámhaibh do bheith aige air mar thacaidheacht. Is iomdha rud atá air is tá an bhochtanacht air i dteannta go haonnidh eile: fara: in aonfheacht lé. Budh bheag an mhaith dho bheith ag tafant orm dul ina theannta: lé n-a chois: farais: ina fhochair. An gábhadh dhuit éinne id theannta?: éinne it fhochair chun cabhartha. Nách beag uaigneas bhíonn air fanacht sa tigh ina aonar gan daon ina theannta: ina chuideachtain. Ní heól dom neach gur bhreághtha liom bheith ina theannta. Árduigh leat i dteannta a chéile a bhfuil ann, ná bí ag déanamh aon choda dhe: trí chéile, i bhfochair a chéile: in iomláin. Iarradh air an tigh do fhágaint ach is amhlaidh do bhí (do chuir) cos i dteannta aige: cos i bhfeac: diúltughadh d'fhágaint. Bhíos ina leithéid sin de theannta ná feadar cá dtabharfainn m'aghaidh: i ndraip: i bponnc. Beireadh i dteannta ar an ainmhidhe bocht is marbhuigheadh ar an dtoirt é: in áit éigin chumhang nár bh'fhéidir leis éalódh as. Nách iad na daoine atá i dteannta cheal mórchuid gannaidhe toisc an chogaidh seo: i gcruadhtan: in abar. Dia go bhfuasclaidh gach teannta a bhéarfaidh ort: draip. Rugadh i dteannta orainn: in áit, in ionad nár bh'fhéidir linn d'fhágaint. Sin rud ná fuil ar mo chumas do mhíniughadh dhuit, táim i dteannta aige: i bponnc. Ní thabharfadh sé aon teannta leis an ainmhidhe dhom: ní raghadh fé ná raibh locht air: urradhas. Leigfeadh sé anois gan teannta: cabhair. Is mór an teannta lé prátaidhibh iasc, don té ná beadh a mhalairt aige: cóngnamh bídh. Is maith é i dteannta an eólais: deirtear so lé duine go mbíonn an chao aige agus connus feidhm do bhaint aiste. I dteannta na gceirtlínidhe d'imthigh a bhean uaidh: fara gach tubaist is mísheól eile dá raibh éirighthe dho. Duine lán-mhalluighthe seadh thu agus ina theannta san cladhaire ceart: ina farradh san: maidir leis sin. Braghadh ort i dteannta an chúinne (seanbhlas): san chúil ná féadfá a sheachaint. Ná leigimís dóibh sinn do bhogadh as so, cuirimís sinn féin i dteannta: daingnighimís sinn féin san ionad atá againn is ná fágaimís.

teanntán: *f.1.* taca, fáisceán. Níor mhór an chos san d'fhágaint i dteanntán go slánóchadh sí: i bhfáisceán: i gcléith: aon rud do choimeádfadh i bhfóireamh a chéile í. Bhris teanntán na srathrach is d'iompuigh sí: an stráice caol leathair, téadán nó a mhalairt .i. teara-ghad a bhíos fé n-a bholg chun na srathrach do chongbháil in ionad. Cuir do lámh i dteanntán is ná bíodh sí ar sileadh leat: stráice éadaigh nó eile a choingbheóchadh crochta anáirde an lámh.

teanntóir: *f.3.* cúl taca, cabharthóir, gríosuightheóir, duine nó rud a chuireas i bponnc, i ngreim, i ndraip; cruinnightheóir, sáruightheóir. Mogal gleóidhte ar an líon san, teanntóir maith (éisc) seadh é, is beag do scaoilfeadh sé tharais: sáruightheóir, greamuightheóir. Árd-theanntóir madra atá ann, is iomdha céim do shaorfadh sé dhuit: é ar fheabhas chun ainmhidhthe do shárughadh agus do bhailiughadh in aon ionad. Rian eagla ní raibh aca roim éinne eile ach roimis bhí a fhios aca ná raibh aon teanntóir eile ortha ach é: é a bhí i ndán cosc do chur ortha. Gheóbhaidh sé níos mó teanntóiridhe ar an dtoghadh 'ná mar budh dhóigh leat, agus cuirfead-sa geall go raghaidh sé go beilt an chloidhimh ar an té is mó go bhfuil tuairm do: lucht leanamhna a chabharfaidh leis. Is mór an teanntóir do dhuine bhacach bata: cabhair chun coisidheachta.

teanntuighim: *b.a. & n-a.* sáruighim, cluichim, coiscim, tacuighim, fáiscim, socruighim, gríosaim, brostuighim, cruinnighim. Teanntuigh isteach 'on chródh na hainmhidhthe liom: cabhair liom chun a dtiománta is a sárughadh ar imtheacht. Budh mhaith an bhail orm gur teanntuigheadh go minic liom, mar, mara mbeadh san bheadh thiar orm: gur cabhradh liom. Teanntuigh leis an mbacachán thar claidhe: tabhair cabhair do dul tharais. Mara dteanntuighir leis an ualach tuitfidh sé: tacuighir, cuirir cóngamh nirt fé n-a choimeád. Teanntuightí leis an ainmhidhe árd-ualaigh i gcoinnibh an aoird: tugtaí lámh chónganta leis. Teanntuigh thiar i gcómhnaidhe leis, beidh a rian air, leanfaidh sé de bheith ina theallaire: éirigh as a thóin: mol é is maoidh as. Theanntuigh an ghaoth an raic isteach 'on chuas: thiomáin gan í do leigeant in aon áit eile. Ní theanntóchadh aon rud é ach an fharraige mhór: ní sháróchadh: choiscfeadh. Teanntóchaidh an namhaid isteach i mbun na sléibhte sinn: cluichfidh in ait chonnluighthe, is ní féidir linn éalódh ges na sléibhtibh. A Dhia, ná teanntuigh me: ná cuir i ndraip me nách féidir liom d'fhágaint. Ní raibh aon phioc den bpáirc dár thug sé aghaidh ná gur teanntuigheadh é: sáruigheadh é ar dhul ar aghaidh mar theastuigh uaidh. Áit seadh oileán go dteanntófaí thu ann: go mbéarfaí ort ann lé droch-aimsir, etc. Ná teanntuigh chun na dighe é maran mian leis í: ná bí d'iarraidh í do chur dá aindeóin air.

teanntughadh: *f.* (*-uighthe*) do chluicheadh, shárughadh, do bhailiughadh lé chéile ar aon ionad, do chosc, tacaidheacht. Ná bí d'iarraidh me do theanntughadh lé cruaidh-cheisteannaibh, ní fhreagróchad ceann aca: do shárughadh: do chur i gcanntaibh. Dá bhféadaidís me do theanntughadh i gcoinnibh an fhalla do bhíos ar a dtoil aca, is mharbhóchaidís me: do chluicheadh ná féadfainn corruighe. Chuir sé an madra ag teanntughadh na gcaorach: ghá mbailiughadh i bhfochair a chéile mar beifí chun a dtúmtha, a mbearrtha, etc. Ceal airgid is mó atá ghom theanntughadh: ghom chosc ar na nidhthe budh mhian liom do dhéanamh. Téighir ag teanntughadh na n-ainmhidhthe leis: ag cabhradh leis chun iad do thiomáint mar a dteastuigheann uaidh. Ag imtheacht rómpa díreach mar is mian leo gan aon teanntughadh dhá dhéanamh ortha: cosc. An bhféadfadh éinne aon teanntughadh do bhaint as an gcárta san: é do bhualadh. Baineadh an-theanntughadh as nuair cailleadh a mhac: cosc: deineadh díoghbháil mhór do. Bead ag teanntughadh leat ar mo dhícheall: ag tabhairt cabhrach duit. Fuair na daoine teanntughadh mór ón riaghaltas trí dheóntas airgid do thabhairt dóibh chun tighthe do thógaint: cabhair; cóngnamh. Cad tá ag teanntughadh an tairnge sin ná raghadh sé isteach: ag teacht roimis is ghá chosc. Ní fuláir nó tá teanntughadh san líon san: é do bheith i ndán iasc do chosc is do ghabháil. Ní mór an teanntughadh a iarrfadh sé, tá sé

aibidh a dhóthain roim ré: gríosadh, tafant, cur suas. Ní hé olcas an lae atá ghá dteanntughadh, d'fhéadfaidís an t-oileán d'fhágaint anois: ghá gcongbháil air dá n-aimhdheóin. Ní raibh aon chao agam ar dhruideam síos, do bhí an fhaill ghom theanntughadh ón dtaobh san: ag teacht idir me is gluaiseacht. Sínte siar do féin fén ngréin is ballán cloiche i dteanntughadh a chinn: mar thaca thiar leis. Ár sliocht dhá theanntughadh thar lear: dhá gcur lé héigean.

teanntuighthe: *a.r.* coiscithe, cluichte, sáruighthe, curtha i bponnc, i gcanntaibh, tacuighthe, bailighthe in aon bhall. Teanntuighthe ó thaobh díom ag fál mór, árd agus ag faill dhiamhair ón dtaobh eile: ar aiste ná féadfainn gabháil in aon treó aca. Táim gan aon mhádh eile anois, táim teanntuighthe: ní féidir liom dul ar aghaidh, aon chúig eile do bhuadhachtaint. Na daoine teanntuighthe sa doras ag gabháil amach dóibh: brúighte, ceangailte: rud éigin ghá gcosc ar ghabháil amach. Áit theanntuighthe seadh é dá mbeireadh gearra ar dhuine ann, é i bhfad ó bhaile is gan aon chaladh cóir ann: gur deacair a fhágaint. Éirigh, táir teanntuighthe ar an suidheachán san: gan puinn slighe agat ann. Is minic teanntuighthe agam leis, agus is rí-bheag é a bhuidheachas orm aige: cabhair tugtha agam do. Me teanntuighthe i gcoinnibh an chlaidhe ag an ngluaisteán i dtreó nách fada eile d'fhuilngeóchainn é, acht gur fuascladh me: brúighte, fáiscithe. Bhí an falla ar tí tuiteam, ach tá sé teanntuighthe lé bíomaidhibh móra: "cosa" curtha fé: tacaidhe ná leigfidh do tuiteam. Cad is féidir liom do dhéanamh? táim teanntuighthe 'e cheal airgid: níl faic ar mo chumas do dhéanamh.

tearc: *a.* gann, neamh-fhlúirseach, deacair d'fhagháil, beag, neamh-iomadamhail, fánach. Is tearc a labhrann sé lé héinne: annamh. Is tearc duine do gheobhfá san áit seo agus airgead aige: fo-dhuine. Nuair bhíonn sé déidheannach ins an mbliadhain bíonn prátaidhe tearc: gann: deacair lé fagháil. Ní cuibhe cainnte thearc do thabhairt d'éinne, is é is lugha is gann do dhuine bheith séimh, mánla: giorraisc chainnte: úrlabhra ghrod. Nuair bhíonn rud agam is líonmhar iad mo cháirde, nuair bhím dealbh is tearc dóibh: is furaiste iad do chómhaireamh. Is olc an t-am den mbliadhain a tháinighis ag lorg, ní fhéadfadh sé do bheith níos teirce: níos gannchúise: deacair d'fhagháil is gan puinn mar sin féin ann. Nách tearc a tháinig an coirce sin, níl troigh ar aoirde ann: meathluighthe. Galar tearc éigin a bhuail í ná féadfadh na dochtúiridhe d'aithneamhaint olc ná maith: nách minic a thárluigheas. Is tearc neach ar a mbíonn an rath ná bíonn meath ar chuid dá chlainn: fíor-bheagán a gheóbhfaí, etc. Is fiú é gan bheith tearc fén mbiadh leis: cumhang: sprionnlaithe. Fás tearc atá fén gcruithneacht san, cad tháinig léi?: fánach. Tómas tearc siúicre gheibhimíd, a cuireadh ar an gcantam sinn seachas mar budh thaithighe linn: beag, suarach, easbhaidheach.

tearc-, teirc-: *i gcfbh.* gann, bocht, fánach, scáinte. B'iontach é is an obair do rinne sé ar teirc-bhiadh: beagán bídh, is gann é lé moladh ar fheabhas. Is oth liom go bhfuilim tearc-airgid indiu is nách féidir liom aon teannta do thabhairt leat: ar ghainne airgid. Is a dhícheall do dhéanamh ní fhéadfadh sé do bheith ach teirc-bhéasach: grod: gan bheith ró-mhiochair. Is fada liom go bhfágfad an tigh céadna tearc-bhórd do gheibhim ann: biadh sprionnlaithe. Tosach na breithe ag Dia duine teirc-chreidimh seadh é, is fánach ag teampall é: gan puinn de. Caithfeam déanamh lé tearc-chuid an tobac óir ná fuil an fhagháil air: an beagán. A mhairg é nár thaithigheamair an rachmas, is ar an dtearc-chuid

atáimíd riamh: níl againn ach an bhochtnacht. Is í an bhean í ná fuil tearc-bhrógach, tá feighridhe aice dhíobh: ná fuil ar an mbeagán díobh. Teallaire teirc-bhéasach gur bh'fhearr liom bheith ag gabháil air ná bheith ag tabhairt bhídh do: de cheal bheith mánla, miochair ina iomchar is ina úrlabhra. Ní go maith d'fhéadfadh sé do bheith de ghlan-mheabhair aige mar nár dhein sé air ach teirc-chleachtadh: taithighe a fhoghluim go fánach. Bíonn uaigneas go minic orm mar bím tearc-chómhluadair ó fhág an oiread san an baile agam: is beag í mo chuideachta. Sin í an tearc-dhúthracht do fuaireas uaidh: aon rud ná cabhair do thug sé dhom, níor lé fonn ná toil é. Níor mhaith leis dul i gcómhluadar na ndaoine, is teirc-éadaigh leis atá sé: ar éadach bhocht is gan puinn de. Is í bliadhain is teirc-éisce a tháinig lé fada í, is beag duine go bhfuil breac lé cur ar an dtlúth aige: gann, beag-chantaim fé. Teirc-éisteacht do fuair sé cé go raibh súil lé n-a mhalairt aige: beagán a thug cluas do nó beagán cluaise fuair sé. Thug sé teirc-eitim ar éalódh ach níor mhór é a ghníomh: iarracht anois is airís. Ní raibh ar bhuaibh bainne ar an aonach ach teirc-éileamh: an acht trácht bheag. Budh mhór an luach é d'fhagháil ar ainmhidhe teirc-fheólach: an-lom. Thabharfadh súd cogaint don bhfeóil, dá righne í, mara mbeadh é do bheith teirc-fhiaclach: ar bheagán díobh. Ní mór gur ghábhadh dho é féin do bhearradh in ao'chor tá sé ar an té is teirc-fhéasógaighe ar m'aithne: is lugha go bhfásann féasóg air. Is baoghalach nách mór an t-eólas do baineadh as, bhí sé mós teirc-fhreagrach: budh bheag é a fhonn aon chúnntas do thabhairt uaidh. Ní raibh aon scléip fé mar ná raibh aige ach an tearc-ghustal: fíor-bheagán de strus an tsaoghail. Níl sult ná greann ann, níl aige ach an tearc-gháire: fó-gháire beag, leamh. Riamh níor thug sí dho ach an tearc-ghrádh, mar nár thaithnigh sé léi: níor mhór é a cion air. Tearc-dhóchas atá agam go bhfeicfead mo chuid uaidh choidhche airís: dóchas lag. Dheineadh sé teirc-iarracht ar rud do bheith aige, ach geallaim dhuit nár mhairbh sé é féin: fo-iarracht gan puinn tapaidhin. Thiocfadh sé tearc-lá ar thuairisc a mháthar ach níor bh'fhiú trácht air: lá annamh, fánach. Níl ionam ach fear teirc-léighinn, mar nách mór an scolaidheacht do fuaireas: fíor-bheagán. Caithfeam tarrac go caol as an mbiadh, mar ná fuil againn ach tearc-lón: caol-chuid. Do dhuine ná raibh ach tearc-mhúinte is iongtach mar éirigh leis: gan acht beagan léighinn air. Is olc é an fagháltas atá aca, agus níl aca air ach an tearc-mhaireachtaint: is fada ó n-a ndóthain iad. Is maith is eól dom-sa ná fuil aca orm ach teirc-mheas, díreach mar oireann dóibh: urraim bheag dom. Tearc-mháighistir do gheóbhfaí chómh maith leis chun múinte: fo-dhuine aca. Sin é an tearc-ól atá dhá dhéanamh anois, tá sé ró-dhaor: ól fada, fánach. Is é an t-athair bocht é ná faigheann ach an t-ómós ó n-a mhnaoi is a chlainn: an beag-mheas is an beag-chion. Is é an teirc-phearsa a dhéanfadh rud chómh sprionnlaithe leis: duine as an gcéadamhadh. Is í sin an tearc-phóit a chuirfeadh an beagán dighe sin ort: meisce gan puinn mearbhaill. Cuireadh mise ar an dtearc-roinnt, mar budh bheag an meas a bhí orm ameasc na coda eile: ar chuid bhig. Tearc-rath ort, a chladhaire, is tú an t-anchúinse dá mbeadh cao agat: beagán ratha ort. Ní bheinn ag lorg muna mbeadh an teirc-riachtanas do bheith orm: gábhadh thar meón. D'fhág an tearc-shaoghal atá riamh aige a rian air: saoghal bocht, gannchúiseach. Ní gábhadh dhuit aon fhormad do bheith agat liom, níor bhaineas as ach tearc-shásamh: sásamh nár bh'fhiú trácht air. Níl agam ar bhiadh mhaith ach tearc-thaithighe: anois agus airís a gheibhim cao ar a bheith agam. Ní tearc-thaithneamh do thugas di ach óm chroidhe go hiomlán: cumann fuar. Ó fhág sé an baile na cianta ó shoin ní bhfuairtheas air ach tearc-thuairisc: cúnntas neamhchruinn, fánach. Sé mo mheas-sa ort ná fuil agat ach tearc-thuairm ar imtheachtaibh an lae: gur beag t'eólas chun do bharamhal do thabhairt air. Ní hí trócaire Dé an tearc-thrócaire:

sroicheann sí an chineadh daonna uile. Léan ort mar thalamh, is crosaim thu, is ort a bhíos an tearc-thoradh: tabhairt fhánach, gan sochar. Níor mhaith liom dul i dtreis a gheallamhna, tearc-uair riamh a chóimhlíon sé í: an-annamh.

tearcughadh: *f.* (*-uighthe*) fánughadh, do dhul i ngainne, luigheadughadh. I ndeireadh na bliadhna siar mar seo bíonn toradh na talmhan ag tearcughadh agus téigheann i ndaoire: ag dul i neamh-fhlúirse. In áiteannaibh tá uibhe ag tearcughadh go mór, agus is deacair a bhfagháil: a líon ag luigheadughadh. Ní théigheann aon tearcughadh ar thrócaire Dé: bíonn do shíor go lán-iomadamhail. Cad tá ag tearcughadh na muc san iarthar?: go bhfuil a líon ag dul i luighead.

tearcuighim: *b.a. & n-a.* fánuighim, cuirim nó téighim i ngainne. Tabhair aire dhod chuid airgid, rud seadh é a thearcuigheann: a théigheas i ngainne. Tearcóchaidh iasc leis an ndroch-aimsir: ní bheidh an oiread de lé fagháil. Ní thearcuigheann trócaire Dé: ní théigheann i luighead. Ná tearcuigh orm: ná luigheaduigh ar an méid is gnáth leat do thabhairt dom.

tearcuighthe: *a.r.* fánuighthe, dulta i ngainne. Tá an saoghal cruaidhte ar na daoinibh, gach aon rud tearcuighthe: dulta i neamhfhlúirse: fánuighthe. Mórán mór gannaidhe a thugadh thar lear tearcuighthe de dheascaibh an chogaidh: níl aon oiread aca lé fagháil.

téarma: *f.4.* seal áirighthe, ré, teóra aimsire, ionbhaidh; focal, carbhall, úrlabhra. An fada go mbeidh a théarma suas leis an scoil?: an sprioc-aimsir a bhí lé caitheamh aige uirthi. Thug sé téarma maith lé saighdiúireacht: áirighthe mhór aimsire. An bhfuil téarma na bó suas?: a hionbhaidh chun beartha tagtha. Fuair sé téarma maith ar an saoghal – breis agus na cheithre fichid: ré, seal. Choingbheóchadh sé ar feadh an lae thu ag comhchainnt, fear mór téarmaidhe seadh é: cainnteanna: cúnntaisidhe uaidh is aige ar chúrsaidhibh an tsaoghail. Chuala ag cainnt sa tsiopa é is téarmaidhe an domhain aige: focail is carbhaill go gcuirfí nath ionta. "An fada chaithis ina bhfochair?" – "téarma": seal ná raibh gearra. Is maith an té go mbeadh a fhios aige cad iad na téarmaidhe a bhí ar siubhal eatartha is a gceann lé chéile: na ráidhte. Ná cruadhaidh ar na téarmaidhe nó ní thuigfidh neach thu: ná labhair i mbréithribh a bheadh níos doiléire do thuigsint. Mór-chuid téarmaidhe dochtúra ná tuigfeadh an gnáth-dhuine: focail speisialta a chuireas brigh áirighthe in iúil. Caithfear téarma do chur leis, neachtreaca ní bheadh an gnóth críochnuighthe i rith a mharthana aige: sprioc-aimsir. Is éachtach an duine é, ní bhuailfeadh sé choidhche leat ná go mbeadh téarmaidhe is brainnsidhe na cruinne ar siubhal aige: nidhthe iongtacha ina aigne aige. Níor thuigeas an téarma do chaith sé liom ach déarfainn nár mhín é: an carbhall. Téarmaidhe is fearr atá agat: carbhaill ghiorraisce. Ceangladh téarmaidhe cruaidhe air sa mhargadh nár bh'fhéidir leis do chóimhlíonadh: coingheallacha.

téarmaidheacht: *b.3.* cliath speisialta ealadhanta fhocal i gcóir brainnse áirighthe léighinn, eólaidheachta, nó ceárdaidheachta. Is tú fear na téarmaidheachta: na mór-fhocal i dtaobh aon rud go mbeadh tagairt do.

tearmann: *f.1.* coimirce, cosaint, dídean. Ní bhead ag brath ort, ní haon tearmann dom thu: cosaint. Nuair bhí fuacht is ocras orm fuaireas tearmann uaidh: fothain is biadh.

Cuirimís sinn féin ar thearmann Chríost: fé n-a choimirce. Fé thearmann an Riaghaltais atá an saothar so: cosaint is cóngamh.

téarnaim: (**téarnuighim**) *b. n-a.* éaluighim ó, tagaim slán as, uaidh, chugham féin, fé dhéin. Ar an gclódh atá air ní théarnóchaidh sé an oidhche: ní chuirfidh de í: ní mhairfidh sé tríthe. As a raibh ins an luing níor théarnuigh ach beirt: ní tháinig beó. Má théarnuigheann sé an t-iomard so ceann d'iongtaisidhibh an domhain seadh é: má thagann. Lé linn oidhche do théarnuigh sí im dháil: tháinig fém dhéin. Ní mór fara ceathrar aca do théarnuigh an cath: tháinig saor as. Téarnóchaidh sé abhaile é ná bíodh eagla ort: sroichfidh trí anacra.

téarnamh: *f.1.* éalódh, ag druideam lé, athfhagháil sláinte; fiafraighe. Airéir is me ag téarnamh ar neóin, ar an dtaobh eile den dteórainn ina mbím: ag gluaiseacht. Ní dhéanfaidh sé aon téarnamh, ná é de chrot air: pé easláinte nó iomard atá air ní thiocfaidh sé uaidh. Is mithid dom bheith ag téarnamh ar an mbaile, tá sé i mbuille bheith déidheannach: ag gluaiseacht fé n-a dhéin. Is iongtach an oidhche oidhche théarnaimh ár bhfear abhaile: oidhche a bhfillte. Ag tnúth gan téarnamh leis an uain go mbeadh a dtír saor: ag súil gan sos. Is olc an mac máthar é nár chuir aon téarnamh uirthi, an bhean bhocht dhealbh leis na bliadhantaibh: nár chuir a tuairisc. Táid bocht, dealbh gan cháirde anois, gan fagháil ar téarnamh aca: gan aon chao ar theacht chúcha féin.

téarnamhach: *a.* éaluightheach, athshláinteach, aiseagach. Is téarnamhach an t-ainmhidhe an mada ruadh, an mío-ádh féin ní thiocfadh suas leis uaireannta: éaluightheach; glic, cleasach chun na gcos do bhreith leis. Tá sé ó bhaoghal, tá sé téarnamhach: ar fainn-éirghe: ag teacht chuige féin.

teas: *f.3.* teódhacht, brothal, beirbheacht, aeráid, árd; adhal, seascaireacht, líonrith, fionnach. "Ní sháiseóchadh teas ná fuacht é", lé duine ná réidhteóchadh so ná súd leis. Abradh gach éinne a rogha rud is fearrde an gabhal teas: goradh teineadh. Ní maith an cómhartha sláinte orm an teas ar fad atá im chneas: beirbhthean: ar a bhraithstint d'aithneófá é do bheith te thar ceart. Duine seadh é ná cuireann teas ná fuacht air: duine fuilngtheach. B'éigean dom an dúthaigh d'fhágaint, do bhí an teas ró-mhaith dhom: teódhacht mhór. Teas na gréine, an lae, na teine, etc. Bean go bhfuil teas uirthi: dúil chumaisce: an fhaid agus bhíonn an dúil sin ar dhuine. Cómhfhaid a théigheann fuacht agus teas, cómhfaid a théigheann fuath agus grádh: ní measa ceann aca 'ná an ceann eile. Bíonn teas i mustárd: mothailt ann mar thabharfadh dóghadh. Plúr an phráta a theas: ithtear nuair bhíonn sé te, sin é uair is fearr é. Is mór an teas a tháinig air nuair cuireadh éitheach ina leith: d'éirigh sé chun feirge móire. Nuair bhíonn an greann ina theas, annsan is fearr éirghe as: ní misde stad de ar eagla gur buadhairt budh dheireadh dho. D'éirigh an argóint eatartha chun iomad teasa: d'éirigheadar lasánta, feargach. Cúl lé gaoith is aghaidh lé teas: comhartha deagh-thalmhan é bheith ar an dtaobh theas is cosaint thuaidh air. Is mór an teas oibre é, níl dóthain an lae dhóibh ann: fonn, fuadar is dúthracht. Sin leanbh a tháinig lé teas na gréine: níor saoghaluigheadh de lánamhain phósta é. Sin duine ná fuil aon deagh-fhuadar fé agus muna dtagann beagán céille dho cuirfead-sa teas leis: ní bheidh an saoghal ró-shuaimhneasach aige. Tá teas bheith ina chlúid: don té a bheadh bhraithfeadh sé teólaidheacht is aoibhneas seascaireachta. Is é dul ón dteas go dtín teine

agam é: téarnamh ó chonntabhairt nó draip is dul sáidhte i gceann is measa. Beidh teas lé n-a thóin ag imtheacht do mara gcuireann de in am: teann deabhaidh air: beidh piobar ag imtheacht air. Teas ifrinn, bíonn ann sa tsamhradh, ní sheasóchadh aon fhear bán é: teas uathbhásach. Is iomdha rud aimhleasta a deintear le teas na hóige: mire is baois. Cuirfidh an máighistir teas id chroiceann mara n-iomcharuighir thu féin: greadadh: tabharfaidh sé bualadh dhuit. An dóigh leat ná go bhfuil sé ina theas eatartha: iad éirighthe chun a chéile: iad dulta i ngoirgeacht. Ní raibh aon rian teasa ina chorp nuair fuairtheas é: an mhothúilt nádúrtha budh cheart do bheith i gcorp an duine beó.

teas-: *i gcfbh.* te, greadach. Bhíodar teas-aighneasach go maith lé chéile, bhí eagla orm go n-éireóchaidís chun buillidhe: feargach neamh-mhín. Cuiridh uaibh an teas-argóint agus áitighidh bhur gcúrsa go mánla: áiteamh is aighneas goirgeach, suaidhte. B'fhearrde thu gan bheith chómh teas-bhéalach, tagann suathadh ort gan puinn cúise: mear, grod fén dteangain. Ní mór an fuadar d'fhágais fé, bhís teas-bhriathrach a dhóthain leis, agus é tuillte aige: chuadhais i bhfaid agus i ngéire air leis an dteangain. Is beag a bhíodh ina chúram agus is beag de theas-bhiadh a chuaidh ina bholg: biadh te, sóghail. Cailín grádhmhar, teas-chroidheach a chuirfeadh subháilceas in aon tigh: fial, flaitheamhail, ceanamhail. Buail do lámh ar a chroiceann, nách teas-chneasach an duine é: teódhacht ann. Chothuigh sé me, is ní le teas-dhúthracht é dá mhéid den chómhardughadh a bhí agam air: ní hó n-a chroidhe é. Riamh níor thréig sé me lé teas-dhílse dom: le cion is fíor-leanamhnachas. Budh naoidhe truagha í ag caoi go fuidheach is na teas-deóra ar silleadh léi: iad te lé méid a cumhaidh. Maidean theas-earraigh gur bh'aoibhinn léd chroidhe éirghe amach: go raibh teódhacht is brothal san aer. Cad dob áil libh ag cainnt mar sin go raibh cion aige uirthi? Dá mbeadh aon teann-éileamh aige uirthi ní leigfeadh sé uaidh í: grádh díoghrais aige dhi. Mo mhairg is mo bhrón mór go raghad 'on talamh is níl aon teas-fhonn gnótha ná oibre air: díoghrais ná dúthracht ann chúiche. Budh ró-gheairrid do bheadh súd ag foidhneamh lé duine, tá an teas-fhuil ann: is ró-fhuraiste é do ghríosadh chun feirge. Is í atá gan teas-ghean do, mar is í nách subháilceach beatha aige: gan cion gan taithneamh do. Nár bh'é an teas-ghrádh aige dhi é gur thug sé suas a ríoghacht ar a son: searc is díoghrais. Níl aon teas-ghrádh dá chuid oibre aige, ní lugha leis an sughadh 'ná í: níl puinn dá chroidhe innte. Beir teas-ghruadhach go maith sara mbeidh an méid sin siubhalta agat: te, is ag cur alluis lé strus. Is treise ár dteas-ghradam-ne 'ná mar budh dhóigh lé daoinibh, níl sé chómh furaiste sin teacht eadrainn: meas mór is léighe. Ar feadh na maidne bhí teas-ghleódh sa tigh, níor stadadar de challán: geóin mhór is cainnt ghoirgeach. Nuair bhéarfaidh na teas-laetheanta air tabharfaidh sé iarracht ar ghabháil amach fén aer do féin: laetheanta go mbeidh an ghrian láidir. Pé uair do cuirtear air bíonn sé an-theas-labhartha: tapaidh, líonritheach. Níor chuibhe dh'éinne buaidhreamh do chur uirthi tá sí teas-leadhbach breis: ní beag aice cách d'ionsaidhe lé n-a teangain. Ní mór an nath aige siúd gníomh fir do dhéanamh, is é atá go lán de theas-lúth: éascaidheacht cnámh is mire. Táthar ar a theas-lorg lé coighcíos agus má beirtear air ní fios cad í an chrích a cuirfear air: ghá chuardach go dian is go géar. Tamall roim thuiteam na hoidhche tháinig teas-leóithne ón bhfarraige gur dhóigh leat go raibh aimsir bhreágh air: gaoth éadtrom, the, tonn-fhuar. Fuair sé teas-liúspáil ón dtriúr, níor choigleadar buillidhe air: bualadh maith, te. Bhuail fear liom go bhfuil árd-mheas aige ort agus is é a thug an teas-mholadh dhuit: moladh mór, dúthrachtach. Ní mór an chainnt d'fhoidhneóchadh súd ó éinne, tá an teas-mhianach ann: an lasántacht. Níl aon bhaoghal ná go bhfuil croidhe teas-

mhaitheach aige má tá sé ag éinne: croidhe gur mór-mhian leis maitheas mhór do dhéanamh. Lá teas-néallach ná féadfá puinn ar fad oibre do dhéanamh: thagadh tamallacha go mbíodh te, brothalach. Teas-thalamh gainimhe é sin ní hiongadh barra maith do bheith air: teódhacht san úir. Ag cur teas-úrnaighthe chun Dé a anam bocht do shaoradh: é ag paidreóireacht go díoghraiseach.

theas: *a. & d-bh.* ceann de cheithre príomh-áirdeannaibh an domhain; an áird ar thaobh na láimhe deise nuair tugtar aghaidh ar an ngréin ag éirghe dhi; ins an áird sin. Theas ná thuaidh níor bhuail a mháighistir chun éithigh liom: in aon áit. An ghaoth ina tost iar-andeas í: ón áird sin. An ghaoth andeas bíonn sí tais is cuireann sí an rath ar shíoltaibh: ón dtreó theas. Ní bhfuaireas thoir, thiar, theas, ná thuaidh é: in aon áit. I bhfad ó dheas i Mearaice d'éag sé: sa treó san den ndúthaigh.

teasach: *f.1.* fiabhras, beirbhthean, teódhacht throm. D'oir dochtúir go maith dho, tá teasach breóidhtighe air: breóidhteacht árd go bhfuil beirbhthean ghá leanamhaint. Cuireann teasach an tsamhraidh gan bhrigh gan tapa me: beirbhthean mór is brothal.

teasaidhe: *a. n-dh.* te, malla-bhog, néallach, cochallach, lasánta. Níor cheart puinn gríosuighthe do dhéanamh air, tá sé teasaidhe: lasánta: furaiste fearg do chur air. Seachain thu féin, tá an t-uisce sin teasaidhe: chómh te sin is go mb'fhéidir go ndóighfeadh thu. Bíonn bainne nuadh-chrúidhte teasaidhe: malla-bhog. Ná bídh teasaidhe lé n-a chéile ní fiú biorán a bhfuil i dtreis eadraibh: claon lé feirg do theacht oraibh agus cainnt ghoirgeach do rádh. Bír ró-theasaidhe ag cainnt, mara mbeadh san budh bhreágh an t-aighneastóir thu: tagann an iomad líonrithe ort: lasánta.

teasaidheacht: *b.3.* teódhacht, brothal, líonrith, lasántacht, díoghrais, aibeamhlacht mianaigh. Droich-theine atá féd chorcán, níl aon teasaidheacht ag teacht san uisce: ní mór den bhfuacht atá ghá fhágaint. An dóigh leat ná go bhfuil teasaidheacht sa lá maidir lé lá geimhridh dho: ádhbhar teasa nó brothaill. Ag cainnt dóibh lé chéile d'éirigheadar chun teasaidheachta, as san thána dóibh gur bhuaileadar a chéile: lasántacht, fearg. Is é nár dhein aonnidh riamh le teasaidheacht d'éinne, ach i gcoinnibh a thola: dúthracht, fonn. Níl aon ghnóth ag argóint lé neach aige buadhann an teasaidheacht air is téigheann sé chun starráin: lasántacht: mianach mear, so-lasta. Is minic do deintear rud as an dteasaidheacht is nár cheart é do thógaint ar dhuine: trí líonrith: suathadh na haigne: mire. Ní teasaidheacht go náire: an luisne is an suathadh do thagas lé náire is measa.

teasargaim: *b.a.* saoraim, fuasclaim, coimircighim, dídeanuighim. Raghaidís árd-dhian ar a chéile bhíodar dulta chun teasaidheachta cainnte chómh mór san go bpleanncfaidís a chéile mara mbeadh gur theasargas: go dtána eatartha chun réidhtigh. Ní bhfaghfaí éinne a theasargóchadh na hainmhidhthe ón mbáille: árduigheadh 'on phóna iad: a shaorfadh iad ar an gcíos d'íoc asta. Níor theasarguigh neach ar mo shon, fágadh ag brath orm féin me, éirigheadh liom nó teipeadh orm: ní tháinig neach idir me is mo dhuabhais, mo chruadhtan. Muna dteasargtar eatartha beidh buadhairt ann ar an mbinb atá ortha chun achrainn: muna dtagtar eatartha. Cloisim gur thu theasargair as an bhfarraige mhóir, gan thu go mbáidhfí é: a shaor a anam do.

teasargain: *b.* (*–an*) saoradh, eadarghabháil, fuascailt; cosaint, síothcháin, sos, anacal, coimirce. Ní dheaghaidh fear na teasargan riamh as: an té a thugas iarracht ar réidhteach do dhéanamh nó duine de shaoradh ó bhascadh nó conntabhairt is an-mhinic gurb é a bhíos thíos leis. Chuaidh sé chun báis leis an ocras gan neach i mbun a theasargan: duine ar bith a thabharfadh greim lé n-itheadh dho. Dheineas mo dhícheall ar iad do theasargain ar a chéile, b'éigean dom leigeant dóibh: iad do scaramhaint: réidhteach do dhéanamh eatartha. Cuireadh an uile bhráighe dhíobh chun báis gan teasargain do thabhairt do neach: anacal: é do scaoileadh saor ó bhás.

teasbach: (**teasbhach**) *f.1.* teas, brothall, beódhacht, éirghe anáirde, fóis, sceidealacht, árd-spionnadh, ainshriantacht. Teasbach gan dúthchas is deacair a iomchar: éirghe anáirde de bharr maoine, airgid, ratha an tsaoghail, etc. cuireann go minic ar a n-aimhleas iad so nách dual dóibh é bheith aca ó n-a sinnsear. Má tá teasbach ort iomchair thu féin: má tá fonn ort gabháil lastuas de n-a thuilleadh corp-bhramaireacht de bharr deighbhídh, deighbheatha nó breis ghustail. Teasbach dearg nó fíor-riachtanas dhá nidh nách féidir do cheilt: teas trom na fola. Is furaiste breith thiar ar thóin air tar éis a lae, níl aon an-theasbach air: tá an oiread san de dhuadh an lae beartha air ná fuil puinn mire ná anamamhlachta ann chun bheith ruidéiseach, giodamach, ná bheith ag gabháil lastuas des na daoinibh. Má tá cuilithe teasbaigh ort, smachtuigh thu féin: árd-spionnadh spiride de bharr deighbhídh, deaghshláinte, gustail, ratha an tsaoghail, etc. Níl aon teasbach air san áit úd: níl go maith as. B'fhéidir ná fuil an oiread airgid agat is tá aige, ach ní fhágfá puinn teasbaigh air: ní fhéadfadh sé puinn breise do theasbáint. Aon teasbach ní raibh ar an luing sa chath úd: ní raibh puinn lé maoidheamh aice ina dhiaidh. Bainfead-sa smut den dteasbach de san dá aoirde atá a cheann: an meas, an t-éirghe anáirde agus an sceidealacht, mar ar a fheabhas do bhraitheann sé nó tá sé as. Beir do chuid teasbaigh in áit éigin eile: an fuadar atá fút ná féadfá thu féin d'iomchar, leigeant do chách, bheith ag gabháil lastuas de dhaoinibh ná fuil chómh láidir, gustalach nó ar gnaoi mhaith. Teasbach uirthi féin is gach éinne ag obair di: neart díomhaointis is gach nidh ar a toil aice, is éirghe anáirde is giodamás dá réir. Tá teasbach ort, is nár chuirir díot é (seanbhlas): táir lán suas díot féin lé deighbhiadh, a fheabhas atá an saoghal agat, etc. D'imthigh sé chun rás le teasbach croidhearg is d'fhág sé a chuid gnótha ar bóiléagar: aoirde láin gan tor ar faic a bharra ach a chuid aoibhnis féin. Is mór an teasbach ban atá air in aois a thrí fichid go dteastuigheann uaidh pósadh: fonn chúcha. Ní hé a gcuid tuillimh féin ach airgead an mhairbh a chuir an teasbach ortha: a chuir gustal sa tsaoghal ortha. Tá teasbach ort is nár chuirir díot é: lé duine go mbíonn lán an domhain fé is ná hiomcharann é féin. Lucht teasbaigh iad san: daoine a bhíos go maith as, is a bhíos mursanta, ceann-árd. Ag imtheacht ina dhreóilín teasbaigh: ag déanamh rud go ceann-uaiscneach is gur dóigh leis ná fuil aon teóra leis, ná fuil éinne mar é. Le barr (corp) teasbaigh bhíodar ag tafant bruighne ar gach éinne: lán is meas is tóirtéis. A bhuachaill, tá bolg teasbaigh agat: go bhfuil rogha gach ruda ag dul ann is a rian air. Tá an chathair tógtha aca, tá cúis teasbaigh aca: adhbhar bheith maoidhteach, mórdhálach as a mbeart. Lé duine a chlaoidhfeadh nó a chiúnóchadh an saoghal is réim mhór do bheith tráth fé, deirtear "d'imthigh an teasbach": meanma an áidh. Níltear ag cur aon teasbaigh orm sa tigh ósda: níltear go ró-cheannsa liom i dtaobh bídh etc.

teasbamhail: *a.* go n-éirghe anáirde, fóiseach, ceann-árd, árd-spionnamhail, mí-iomchair de bharr deighbheatha, gustail, etc. ainshrianta. Nách teasbamhail d'éirigh sé dhóibh clann thabhartha do bheith aca: fóiseach: corruighe mian gan géilleadh do dheascaibh a mbearta. Buaidh sé fiche púnt ar chártaidhibh, agus is é atá go teasbamhail: scléipeach, mórdhálach, claon lé rud do dhéanamh gan riaghail gan chosc: ainshrianta. Is teasbamhail an rud duit cruisteach ar dhuine is laige ná thu: ainshrianta: neamhghéilleamhail d'anacair an duine thall. Lucht teasbamhail iad san ná fuil aon chúram ortha ach a ndrom is a mbolg: duine go bhfuil árd-spionnadh ionta ag biadh, gustal is beatha shaoráideach. Éirigh suas díom, ar ithis aonnidh indiu? nách teasbamhail a mheádhais dom do bheith: nách neamh-spleádhach dar leat an aiste chuirp budh dhóigh leat do bheith orm go ndéanfainn taca dhuit. Dhéanfadh san so súd ar a bhéal, fear teasbamhail: duine go bhfuil an oiread éirghe anáirde fé ná fuil a chómh lé fagháil. Níl sé chómh teasbamhail leat-sa – duine ná fuil gnóth ná cúram ort an trathanálaidhe sin go bhfuil a dhá cheann i gcré: lán de cheól is d'acfuinn a tháinig ó dhíomhaointeas is deaghchothughadh. Feirmeóiridhe teasbamhla iad san, ní fheadraid cad is ceart dóibh do dhéanamh leó féin ná lé n-a gcuid airgid: árd-réimeacha de bharr a ngustail is a struis. Téigheann sé dhíom a dhéanamh céagaibh is teasbamhla: is mó go bhfuil lán is éirghe anáirde fé: is lugha a chuireas srian lé n-a fhéadannaibh. A mhic ó, is é atá go maith, é chómh teasbamhail le dreólán: giodamach: giorrainéiseach: claon lé bheith mear, éascaidh. Seal bhíodar go teasbamhail, ach ar mh'anam gur laguigheadar ádhbhar: árd-réimeach: claon lé n-a dtoil do leanamhaint.

teasbamhlacht: *b.3.* ainshriantacht, fóiseacht, árd-fhuadar. Is mór go léir an teasbamhlacht do chuireann beagán airgid ar dhaoinibh seachas a chéile: go néid rudaidhe gur cuma leó cad iad a ndeasca nó a dtoradh, gan aon ghéilleadh dá mbeartaibh. Is é an cogadh so is fearr chun cuid den dteasbamhlacht do bhaint de dhaoinibh saidhbhre: an árd-réim a bhí fútha is an t-éirghe anáirde maidir lé saoghal aoibhinn, soghail do bheith aca. An lé teasbamhlacht ataoi ag caitheamh do chuid airgid go hait ar an gcuma san?: ainshriantacht: éirghe anáirde gur cuma leat cad leanfaidh é. Teasbamhlacht an ghabhair sa teampall atá anois ort: ní heól duit cad is ceart duit do dhéanamh lé giorrainéis: lé neamhfhuaimeant incheann. Teasbamhlacht atá ar an gcapall san lé ceal oibre go bhfuil sé chómh fiadhain sin: ainshriantacht: luaimneacht is mire a bhriseas amach lé fuadar spiride.

teasc: *f.4.* obair, dualgas áirighthe lé déanamh. Deirim go bhfuil teasc rómhat an méid sin do bheith déanta fé dheireadh na seachtmhaine agat: saothar gur b'é dualgas é do dhéanamh. "Mo léan lé luadh is m'ath-tuirse! 's ní féar do bhuain ar teascannaibh d'fhúig céasta buaidheartha m'aigne, etc.": an áirighthe sin oibre ar an áirighthe sin airgid.

teascadh: *f.* (*-ctha*) dí-cheannadh, gearradh, leagadh, treascairt, ciorrbhadh, creachadh. An ceann budh chóra do theascadh den lúbaire, is é atá tuillte aige: do scriosadh de bhéim. Is mór an díth dár gcoilltibh an teascadh atá déanta ortha: an méid crann atá gearrtha ionta. Budh ghráineamhail an íde do himreadh air, bárr na teangan agus na cluasa do theascadh de: do scriosadh, do ghearradh. B'fhearrde an téadán an ceann scúighte do theascadh dhe, ní bheadh sé chómh liobarnach: do bhaint de. Teascadh mór bliadhan ar do shaoghal, a dhuine chóir, bheith ag ól chómh trom san: ciorrbhadh mór.

Truagh go deó é do theascadh chómh hóg i mbláth a shaoghail: é d'fhagháil bháis. A bhfuil d'fhearaibh breághtha dá theascadh sa chogadh so: dá leagadh.

teascaidhe: *f.4.* gearrthóir, scoitheóir, ciorrbhaidhtheóir. Cá bhfuil cómh an bháis mar theascaidhe?: marbhthóir: treascarthóir. Fir ar an mbóthar rianta is teascaidhthe aca ag baint buachallán buidhe des na clathachaibh: úirlisidhe go lann faobharamhail iarainn.

teascaim: *b.a.* gearraim, leagaim, treascraim, creachaim, millim, básuighim. Scéala chuala gur theasc an bás an fear dob fhearr againn: gur chuir ar lár é. Chun eagla do chur amach ameasc na sluaighte teasctaí na cluasa de dhaoinibh annso 'gus annsúd: gearrtaí ón gceann amach iad. Is áidhbhéil ar teascadh san gcath so nár staon is nár stríoc ar feadh an mhí, fágadh cuirp ina gcnocánaibh ar mhachaire an áir: do cuireadh dá dtreóir. Sin é an t-aon rud ná déineann fíogach lé hiasc i líon, ní theascann an ceann de ach greim do bhaint as a bholg: ní sciobann. Theasc an bearbóir na ruibidhe marbha ar mhullach mo chinn: bhain sé an barr díobh. Chuir sé slacht ar an bhfál, theasc sé go gleóidhte, néata é: bhearraidh is chuir in ionannas é. Níor fhág an gála gas im gharrdha ná gur theasc: leag is lait.

teasctha: *a.r.* geárrtha, ciorrbhaidhthe, treascartha, leagtha. Crainn teasctha treasna an bhóthair tar eis an ghála: briste, leagtha. In ionsaidhe is i gcosaint na cathrach tá na mílte teasctha ar gach taobh i ndian-chómhrac láimh ar láimh: sínte: curtha ar lár: bainte dá dtreóir. Fál teasctha: go mbíonn a bharr bearrtha in ionannas.

teasta: *b.* ag teastbháil, in easnamh. Mí díreach a bhí sé teasta d'aois an tsean-táille nuair d'éag sé: gearra: in easnamh. Teasta dhá phúnt atá sé den suim cheart: siar: gearra.

teastáil: (**teastbháil, tastáil**) *b.3.* ceal, easnamh, díth, do bheith d'uireasbaidh ar etc. Bhrisfeá croidhe éinne go mbeadh air freastal ort, rud éigin ag teastáil uait an uile-nóimint, ná sáiseóchadh aon rud thu: ar iarraidh: a bheith uait: gan a bheith agat agus a bheith ar a lorg de bhrigh go bhfuil, nó go dtuigtear duit go bhfuil, san de dhíth ort. An rud is mó atá ag teastáil uait, dar liom-sa, a rud dho-shásta, is é do lascáil: go bhfuil a cheal ort: a raghadh chun do thairbhe. Is iomdha rud a bhíos ag teastáil ó dhuine bhocht: ná bíonn aige agus nár mhór do chun a shaoghail. Táir ag teastáil ód mháthair, rith isteach: tá gnóth éigin aice go n-oirir di chuige: táir uaithi chun ruda éigin d'innsint duit. Ar a bhfuil de ghnóth orm im aonar anois tá bean ag teastáil go cruaidh uaim: is ceal orm gan í do bheith agam: budh chóngamh a bheith agam. Duine ar a thoil féin seadh thu gan aon rud ag teastáil uait: gan ceal aon ruda ort a dhéanfadh ciotaighe dhuit: an uile-nidh is mian leat agat. Tá grian ag teastáil go maith chun barraidhe d'aibiughadh: gan a bheith ann is dochar mór. Ní raibh ach réal den iomlán ag teastáil uaim: bhíos an méid sin in easnamh. D'íosfainn é dá mbeadh sé ag teastáil uaim: dá mbudh rud é go mbeadh a cheal nó go mbraithfinn a cheal orm. Dá mbeadh do theanga ag teastáil ní labharfá gíog: dá mbeadh gábhadh lé thu do labhairt. Ní mór atá ag teastáil de bheith ina lánmhara: fíor-bheagán gearra: beagán eile agus bheadh sé amhlaidh. Ná bíodh aon eagla ort, gheóbhair a bhfuil ag teastáil de uait: an méid a dhéanfadh do bhail. Is iomdha rud a bheadh ó dhuine go mbeadh scilling ag teastáil uaidh ina chóir: nár mhór do í do bheith aige chun an ruda san do shroicheamhaint.

teastas: *f.1.* tuarasgabháil mhaith, clú, teist, cúnntas, cómhartha cruinn ceart i dtacaidheacht ruda éigin. Ná bíodh eagla ar éinne ná gur craobhscaoileadh do theastas ameasc na ndaoine eadrainne is gur b'fhearrde thu iad do shéanadh is do sheachaint: gur fóir-leathanadh do chlú. Sé teastas a bhí air gur mhór an fear ban é: sin í an cháil a bhí leathta air. Éist, ná habair a thuilleadh, tá a theastas breacuighthe go maith agat, ní mór is fiú id dhiaidh é: ríomhtha: tráchttha: curtha síos: léirighthe. Gurbh fhear mín, macánta é, b'shin é teastas an uile dhuine air: ráidhteachas: an teist: an clú: an cunntas beatha. Ní maith agus ní lán-mhaith an teastas atá air i dtaobh macántachta, cuirtear ina leith go ngoideann sé: an meas atá ges na daoinibh: clú. Ní bhfuairtheas aon teastas riamh a dheimhneóchadh ná raibh an fhírinne san méid adubhairt sé: cruthughadh.

teastuighim: *b. n-a.* táim ar iarraidh, tá gnóth díom, oirim ó do. Tair isteach chugham leathuairín, teastuighir uaim chun teachtaireachta do dhéanamh dhom: tá gábhadh agam leat chuige: ní mór dom thu. Imthigh, ní theastuighir a thuilleadh: níl gnóth ná cúram agat annso feasta go mbeadh gábhadh lét fhiadhnaise ann. An dteastuigheann uait an duine do ghortughadh go bhfuilir ghá bhualadh?: an é atá ar aigne agat do dhéanamh? Theastóchainn go mór sa mbaile anois dá mb'fhéidir liom do bheith ann: rud éigin in easnamh ann dob fhéidir liom do dhéanamh nó do sholáthar. Dá dteastóchadh ó dhuine gabháil amach bhí an áit chómh teanntuighthe sin ná féadfadh sé é: dá mbeadh gábhadh aige leis nó gur bh'é a mhian é. Fuair an lúbaire cuimileáil mhaith is theastuigh san uaidh: bhí sé tuillte aige. "Ní labharfadh sé chughat" – "mara dteastuigheann uaidh": maran b'é a mhian é. Theastóchadh bearradh go dóighte uait: tá gábhtar leis: dhéanfadh sé maitheas duit. D'fhágas annsan iad, connacthas dom nár theastuigheas ó neach: níor mhian lé neach mo choidreamh ná mo chuideachta. Bailbh (bailigh) uaim, ní theastuigheann do chabhair: níl aon chaitheamh ina diaidh.

teastún: (**tuistiún, toistiún**) *f.1.* cheithre pingne, bonn cheithre bpingne. Thugas dhá theastún air: ocht bpingne. "Níl mascalach mhánla, chráibhtheach, chiúin, thais suilt/ ná ainnir dheas bhláth is áluinn gnúis is driuch/ ó Ghaillimh na mbárc lán go ciumhaisibh Tuirc/ ná glacfadh mo lámh i ndáil teastúin ach thu": i ngioll ar cheithre pingne.

teicheadh: *f.* (*-chte*) d'éalódh, d'imtheacht ó trí eagla, seachaint, ruaig, ruathar, cúladh. Bí ar do theicheadh, táthar chughat: bí ag cur díot nó béarfaidh an tóir ort. Is minic do chodluigheas sa scairt úd nuair bhíos ar mo theicheadh: nuair bhíos ag seachaint an luchta go raibh fonn mo ghabhála ortha. Cuireadh an teicheadh as an dtigh air nuair bhí a chuid caithte aige ann, is gan aon tairbhe ann dóibh: ruaigeadh é: cuireadh iachall air an áit d'fhágaint. Ná bí ag teicheadh leat féin, seasaimh an ball: ná bí d'iarraidh imtheacht i nganfhios. Bímís ag teicheadh linn féin, tá cuma air go séidfidh sé: ag bailiughadh linn ar eagla go mbeireadh an anaithe orainn. An long ag teicheadh roimis an ngaoith: ag imtheacht roimpe gan í do chómhrac. Cad fáth go mbír ag teicheadh uaim?: ghom sheachaint nuair chidhir me. Ní mhaireann sé an fear a chuirfeadh an teicheadh orm: go n-imtheóchadh uaidh trí mheathtacht nó lé heagla roim a chuid bagartha. Shaoileas ar theacht annso as an áit diabhail do bhí agam go mbeadh Dia agam, ach is é teicheadh ón dteas go dtín bhfuacht agam é: ag fágaint lé n-a olcas is ag dul in áit chómh dona. Ná bí ag teicheadh ón gceist, freagair í: ná bí d'iarraidh í do sheachaint. An ag teicheadh óm

scáth do bheinn?: ní feictear dom cén fáth go bhfágfainn an ball ina bhfuilim trí eagla roim aon rud nó duine. Ná bím-se ag cur an teichte ort: ná fág toisc mise do theacht i láthair. Ag teicheadh ataoi riamh: meathtach seadh thu. B'fhearr liom teicheadh ná bheith ina chuideachtain, tá sé ró-challánach: dul go tapaidh i mball éigin eile. Is deacair an teicheadh do chur ón mbórd air: d'íosfadh sé cuid mhór mhaith. Chuirfeadh an biadh san an teicheadh ar éinne beó: duine go mbeadh meisneach maith aige a íosfadh é. Cuirfidh an teine iachall ort teicheadh siar uaithi: druideam tamall ar eagla do dhóighte. Ní fheadar connus mar tá aige mar airgead, dá fheabhas bhím d'iarraidh a bhailighthe is ag teicheadh uaim do bhíonn sé: seadh is deacra dhom teacht suas lé haon chuid de. Bí ag teicheadh ón gclaidhe, táir mós cómhgarach do: ag fanamhaint amach uaidh. Bíonn gach éinne ag teicheadh uaidh: seachantar a chómhluadar. Níl éinne ná go mbíonn ag teicheadh ón mbás: d'iarraidh é do sheachaint ar a dhícheall an fhaid is féidir leis.

teichim: *b. n-a.* éaluighim ó, cúlaim, seachnaim, obaim, rithim ó. Ná teich leat féin: ná bí ag imtheacht i nganfhios mar bheadh meathtach ag éalódh. Coimeád do mhéar go mbainead an dealg aiste, ná teich léi uaim: ná bí ghá cúbadh chughat as mo riochtaint. Caith uait agus teich an uair is cruaidh duit: pé rud a bhíos dhá dhéanamh agat tréig go hobann é, gluais go mear ó bhaoghal. Chómh luath in Éirinn is chonnaic sé an chéad bhuille dhá bhualadh theich sé leis féin: chuir sé dhe as an mball lé heagla nó neamh-thaithneamh do bheith láithreach. Pé duine go dteichinn uaidh ní uait-se é: go gcúlfainn uaidh lé heagla. Fógair meisceóir, is teich uaidh: seachain a chómhluadar. Tá sé ráidhte riamh ná teicheann madra ó chnámh, ní lugha ná teicheann so ón mbiadh: seachnann sé é nó imthigheann uaidh le míothaithneamh do. Theich sé as an ndúthaigh: chuir de aiste ar eagla beartha air nó lé náire ruda éigin a bhí déanta aige. Madra gan mhaith atá agat, teicheann sé: cúlann: obann sé troid. Theicheas thar claidhe chun ná feicfí me: léimeas tharais go pras. Theich isteach 'on tseómra go n-imthighid: rith as radharc. Theich sé lé mórchuid airgid: d'éaluigh sé: d'árduigh leis é gan chead. Admhuigh é, theicfeá ód scáth: chuirfeadh oiread an frighe eagla ort. "Ní theichfir in am", lé duine a bheadh ag cur isteach ort nó ghod ghiobadh. Ná teich ód chuid cainnte in ao'chor: ná téighir i gcois an méid adubhrais. Theichfeadh sé roim an rud is lugha: ní bheadh sé de mheisneach aige seasamh ina aghaidh. Is fadó theich séirdínidhe as an áit: thréigeadar é. Más fíor, tá sé ráidhte go dteicheann franncaigh as luing a bhíos lé báthadh: go dtréigid í ar eagla a millte féin.

téics: *f.3.* rádh, carbhall, abairt, an chainnt scríobhtha nó clódh-bhuailte; na bréithre céadna mar scríobhadh nó clódhbhuaileadh ar dtúis iad; sliocht as an scríbhinn diadha; tráchtas. Fear mór téicseasaidhe seadh é, chaithfeadh a lá 'sa shaoghal ag cur as leat: carbhaill: atá i ndán seamanna mórchuid do chur as. An dá théics den scéal atá in eólas againn táid mar a chéile nách mór: an dá aithris. "Is gach téics dá gcanadh do thairring as Naomh-script": sliocht as mar ughdarás ar a chuid aighnis. Léigh an téics go cruinn dom féachaint an mbainfinn aon bhrigh as. Ní leigfinn-se dho bheith ag scaoileadh aon téicseasaidhe chugham: bheith ag tabhairt foghanna cainnte fúm: bheith ag spochaireacht orm.

teichte: *a.r.* éaluighthe, imthighthe lé heagla, déistinn, etc. Mo thruagh é, an fear bocht, tá sé teichte leis féin as an áit: imthighthe lé náire, eagla, buadhairt, etc. Na hoileánaigh

go léir nách mór teichte ar an míntír: an t-oileán tréigthe aca is iad curtha fútha chun marthana amuigh. Beidh gach éinne teichte romham ach go háirighthe: is mé is déidheannaighe d'fhágfaidh an ball lé neamh-eagla. Teichte ós gach nduine anois do: ar a sheachnadh féin ar chómhluadar. Ní thabharfainn tuistiún ar a seans muna bhfuilid teichte um an dtaca so, uain uathbhásach atá ann: fágtha ar son a leasa. Is fada teichte as an áit an fiolar: é tréigthe aige.

teidhe: *f.4.* (**teadh**, *g.* teadha) taom, taod, smaoineamh obann duthain, ríog, beart a ceaptar san intinn, tuairm, saoiltin, samhladha na hintinne. Tháinig sé de theidhe ionam teacht ar do thuairisc agus sid é annso me: de smaoineamh obann: buaileadh im aigne é. Aithnighim ar do ghnúis go bhfuil teadhanna dhá dhéanamh duit: smaointe ag rith san aigne ar rud éigin seachas mar tá ar siubhal ag an nduine ar an uain. "An gcaithfeá an cárta úd?" – "ní tháinig sé de theidhe ionam": níor chuimhnigheas ar é do dhéanamh. Ná tagadh sé de theidhe ionat an ball san d'fhágaint ar do chluais: ná tagadh de ríog ionat: ná bíodh sé de mhío-ádh ort a mheabhradh it aigne ar feadh nóiminte. Go maithidh Dia dhom é nuair léighim rudaidhe a ghoineas me tagann teadhanna díoghaltais ionam: ríoga: taoda, ceaptar im aigne dhom díoghaltas do dhéanamh. Is maith go léir an teidhe é dul abhaile lom láithreach, tá seal dóthanach caithte annso againn: smaoineamh: cuimhneamh. B'ait an teidhe dho dul agus é féin do bháthadh: ríog: taom obann do-choiscthe. Uaireannta tagann teadhanna maithe ann is thabharfadh sé a léine ó n-a chneas duit: taod obann gan choinne go n-athruigheann a mheón leis. Lé teidhe féile thug sé scilling don mbacach: ríog duthain: gríosadh chun gnímh.

téidheadh: *f.* (*-dhte*) (**téidheamh**) do thabhairt teasa do, teas do mhéadughadh, goradh, teódhacht. Cuir an t-uisce ag téidheadh ar an dteine: chun an fhuachta do bhaint as agus teasa do chur ina ionad. Cuireadh an féar ró-luath ina chocaidhibh is tá sé ag téidheadh: ag teacht fé lé taisreacht is gal ag éirghe as. Braithim mo chorp ag téidheadh, bhíos ar dearg-leathadh leis an bhfuacht: teas ag teacht. Táid ag téidheadh chun na hoibre anois: ag gríosadh: ag dul in anamamhlacht. Buail na prátaidhe ag aith-théidheadh fén ngríosaigh: ag fagháil teasa ath-uair. Choidhche ní fhéadfainn an téidheadh do dhéanamh leis, ní thaithneóchadh a mheón in ao'chor liom: ní bheadh leagadh gem chroidhe leis. Le déidheannaighe is mór an téidheadh aca lé chéile é, tamall níor bheag é a bhfuath dá chéile ach a mhalairt anois: an bháidh. Níor mhistide do thón-théidheadh maith do thabhairt do: greadadh chun smachta do chur ort. Ag téidheadh bonn mo chos leis an dteine: goradh: ag cur teasa ionta. Tá téidheadh sa lá indiu: teas maith.

teideal: *f.1.* cómhartha nó scríbhinn fé leith ar bhrollach leabhair etc.; gairm onóra nó deárscnuighthe is dual do dhuine nó a dáiltear air maidir lé n-a ainm cheart; ughdarás, buannacht, céim, etc. Is é an mac is sine é agus uime sin tá sé i dteideal na talmhan d'fhagháil: dá réir sin tá buannacht aige ar an dtalamh do shealbhughadh. Éist-se anois go fóill léd thoil, mise atá i dteideal na cainnte: go bhfuil tosach agam. Is é fear an tighe atá i dteideal suidhe i gceannas an tighe óir sé is buannamhla: go bhfuil de cheart aige. Gheibheann sé gach aon rud is mian leis ón Riaghaltas, is í a chomplacht atá i dteideal: i gceannas. Cé thug teideal duit-se ar shuidhe mar a bhfuilir: cé bhronn d'úghdarás ort é? Tugaim teideal an tighe suas duit: riar é mar is toil leat: buannacht ar a riaghalughadh. Shuidh na huaisle i seómra na dála, gach neach aca dréir a theidil: dréir a chéime nó a

ghairme. Cad é an teideal atá ar an leabhar san?: an ainm atá tugtha dho. Tugann an cómhartha so teideal duit suidhe in aon áit gur mian leat: buannacht nó ughdarás. Éinne a bhíos deich mbliadhna 'gus trí fichid d'aois is ná bíonn maoin aige bhíonn sé i dteideal an tseantáille: bíonn ceart aige air dréir na dlighe. Bean go raibh teideal aice dob eadh í, bhéarfadh sí saor ón gcroich thu: cómhacht is léighe léi ag an lucht ceannais. Ná fuil sé i dteideal urrama do thabhairt do as a aois 'sa chuid léighinn?: ná tugaid araon an ceart san do? Cad é an teideal atá aige seo anois lasmuigh?: an chéim cheannais. "Agus do scríobh Píoláit fós teideal agus do chuir síos os cionn na croiche é, agus is é do bhí scríobhtha ann Íosa Nasardha Rígh na nIúdaidheadh" (Eóin XIX. 19): an uirgheall a bhí greanta isteach innte nó scríobhtha uirthi. B'olc an earra thu dá mbeadh aon teideal cóir agat ar na hórduighthe go léir atá agat: úghdarás nó ceannas mór. Is aoirde de theideal uachtarán ná taoiseach: gairm dáilthe ag riaghaltas na dúthaighe fén mbun-reacht. Fuair sé teideal marascail ar fheabhas a shaighdiúireachta: céim dearscnuighthe. Féach mar shealbhuigheann sé gach aon nidh ná baineann leis, is mór go léir an teideal atá ag baint leis: úghdarás: deiliús.

teidealach: *a.* ughdarásach, tighearnamhail, buannachtamhail, murasanta, ceannasach. Nách teidealach do shuidheann an dailtín i gcúinne iasachta, budh dhóigh leat ar an imtheacht atá fé gur leis féin é: úghdarásach: tighearnamhail. Ná loirg chómh teidealach san é, is a rádh go gcaithfir é d'fhagháil, thar éis an tsaoghail níl aon bhuannacht agat air: tighearnamhail: mursanta. Nách teidealach an teallaire beag fir é: chómh meastamhail air féin is gur dóigh leis gur cheart do gach n-aon do bheith ina bhais chait aige. Tamall dá saoghal níor bhreágh do rádh go rabhadar go teidealach sa cheanntar má dhéanfadh maoin is ionmhas is cómhacht é anois, ní braithtear ann ná as iad: cumasach, ceannasach: daoine dob eadh iad go raibh fuaimeant lé n-a dtoil 'sa bhfocal. Cuireadh duine teidealach ón riaghaltais chun an chúrsa do réidhteach: go raibh cómhacht is úghdarás aige chuige. Bhailigh na daoine teidealacha tímcheall air – cinn urraidh, tighearnaidhe, taoisigh, etc.: go raibh céim dáilthe ortha nó go raibh aca ina hoidhreacht. Diabhailín teidealach seadh é leis, dáltha an scéil, ní chuireann sé aon iongadh orm é do thabhairt gach ré seadh d'éinne: go mbíonn cuma phrómhaidhe air agus é deiliúsach as a theangain. Nách dóigh leat ná go bhfuilir mós teidealach tímcheall na háite seo, is leigeant do nidhthibh ná fuil baint agat leó ná aca leat?: claon lé gabháil úghdaráis gan buannacht ort féin: tighearnamhail: eadránach.

teidealacht: (**teidealaidheacht**) *b.3.* ughdarásaidheacht, buannamhlacht, ceartachas, deiliúsacht, mursantacht. Táim i dteidealacht mo chion d'fhagháil, rinneas oiread saothair lé héinne eile: ceart éilimh. Níl ionam sa chómhlucht so ach cléireach réadh-chúiseach, níl aon teidealacht agam faic do thabhairt ar cáirde: ughdarás: cead: ceart. Is ró-mhór an teidealacht cuid dhuine eile do bhronnadh ar éinne: tighearnamhlacht ruda do dhéanamh ná bíonn buannacht ná eile agat air. Is maith an bhail ar mhórán ná fuil teidealacht aige siúd, mar is é a chuirfeadh é féin in iúil is gur bheag aige gabháil de chosaibh i ndaoinibh: cómhacht. Níl uaim ach a bhfuilim i dteidealacht d'fhagháil: atá ag teacht chugham de cheart: go bhfuil buannacht agam air. Más dóigh leat go dtógfainn-se aon teidealacht chainnte uait ná ó aon dailtín eile, bheadh dearmhad mór ort: teallaireacht: neambéasamhlacht: táthaireacht. Cad as don dteidealacht go léir nách mór go leigfeá ort go n-aithneófá na daoine: an borradh tóirtéise.

téidhim: *b.a. & n-a.* cuirim teas i; téighim i dteódhacht; greadaim; goraim, gríosaim, bíodhgaim, géaruighim. Téidheadh go maith an turus so é ní bheidh an oiread fonn argóna airís air: fuair sé breis is ná raibh súil ná fulang aige leis. Ar theacht annso ar dtúis do bhíodh teidealacht mhór aige, dar leis, ach mhaoluigh sé mar nár théidheadh na daoine leis: níor éirigheadar muinnteardha leis. Ní bhfaighim aon locht air, admhuighim, ach ní théidheann mo chroidhe leis: ní thagann báidh ná ceanamhlacht agam leis. Téidhfead-sa an croidhe aca sara mbím réidh leó, geallaim-se dhuit ná beid chómh mustarach, mursanta is táid: cuirfead trí n-a n-ughamachaibh iad: raghad dian ortha. Téidh thu féin leis an dteine: tagadh teas id chorp uaithi. Ní théidhfidh (théidheóchaidh) sé é féin lé hobair: ní chuirfidh an oiread san duaidh air féin go leanfaidh breis teasa cuirp nó allus é. Leig do fuaradh sa chroiceann ar théidh sé ann: ná tugtar aon tsásamh do: má tá sé teasaidhe cuireadh sé dhe é. An féar ná bíonn sábhálta ina cheart téidheann sé: géarann: tagann fé gus éirigheann gal as. Leis an aimsir téidheóchaidh sé leis an obair: raghaidh sé i ndúthrachtaighe chúiche. Téidheóchaidh an t-uisce seo go luath, tá árd-theine fé: tiocfaidh teódhacht ann. Ní maith liom aon aragal lé daoinibh, téidhidheann a bhfurmhór chun cainnte gan puinn cúise: tagann binb ortha: éirighid teasaidhe, goirgeach etc. Is olc an bolg ná téidheann a chuid: ná gabhann leis is a dhíleigheann é. D'aiththéidh sé an biadh sar ar ith sé é: thug sé teas an athuair do lé teine nó a mhalairt. Théidh an máighistir na cluasa agam go minic cé gur bheag an mhaith dho san: thairng iad go raibh greadadh te ionta. Téidheann mo chroidhe is m'aigne leat. Téidhfidh an dá chapall a chéile go maith: raghaid an-dhian ar a chéile chun a bhuadha do bheith aca. Táim deimhnightheach ná buaidhfead air ach téidheóchad (teidhfead) ó thalamh é: ní fhágfad puinn lé maoidheamh aige. "Mun ar bheannuigheadar a leasrach me, agus mun ar téidheadh é lé lomra mo chaorach" (Iób XXXI. 20): cuireadh teas ina chorp: gur baineadh an fuacht as etc.

téidín: *b.4.* téad bheag, séirsín, róipín, téadáinín. Téidínidhe potaidhe: téada caola éadtroma oireamhnach do photaidhibh gleamach.

téidhte: *a.r.* ar aiste teasa do bheith curtha nó glactha ann. Ars an seanduine liom thar éis argóna déine do bheith againn, "a gharsúin, ní prátaidhe aith-théidhte fuairis": a fhuar agus gur tugadh teas airís dóibh (ní háirmhightear ar fheabhas a leithéididhe). Cé ólfadh té lé huisce leath-théidhte: ná bíonn ach a leath teasa cirt ann. Caithfear an féar san d'aithdhéanamh nó imtheóchaidh sé gan mhaith, tá sé téidhte: géaruighthe: leis an méid taisreachta tá tagtha fé agus gal ag éirghe as. Deirim-se leat go bhfuil mo chliatháin téidhte go maith ag an lá: gur bhraitheadar is nár bheag liom strus an lae. Beidh na cosa téidhte go maith ón mbóthar agat, tá sé a fhaid sin uait: siubhalóchair mórchuid.

téighim: *b. n-a.* triallaim, imthighim, gluaisim, sroichim, scaraim, éagaim. Talamh seadh é, dá fheabhas a chuid féin go dtéigheann ainmhidhthe as air: go lomaid: seanguighid: imthigheann feóil díobh. Is mór mar chuadhais as ó chonnac cheana thu, bhís taithigeach, feólmhar, anois taoi lom, leice: d'imthigh an fheóil is an toirt. Raghadh éinne as ar an ndroichbhiadh so: lomfaidís: raghaidís chun deiridh maidir lé haiste na sláinte. Raighead ar chárta an stúmpa!: caithfead na máidhte nó na cártaidhe is fearr agam is raghad i leith goint do dhéanamh leis an ndroch-chárta atá agam do choimeád go deireadh. An rud a

théigheann i bhfaid téigheann i bhfuaire: an rud do cuirtear ar gcúl, nó ná tagann toradh air, thar éis tamaill is gnáthach go leigtear i léig é, go dtugtar faillighe ann nó go gcailltear suim ann. “Téighir sa diabhal!” sin é adeirim-se leat: níl aon tor, aon mheas, agam-sa ort: níl aon eagla agam rómhat. Ól beagán de, ná téighir thar cailc, ámhthach, deoch láidir é: ná tóg thar mar is ceart: ná déin faic thar meón. An raghfá ar dhóirnibh liom?: an bhféachfá an fearr d’fhear thu trí bhabhta dóirneála? Theastuigh uaidh go raghainn ar Bhéarla leis nuair chlaoidheas ar Ghaedhealaing é: go bhféachfaimís lé chéile céagainn dob oilte as Béarla. Chuadar ar na sceanaibh lé chéile: do bhí a dtriall ortha chun a chéile do throid. Tharais seo ní rachfaid, mo dhubhshlán fé éinne bheadh d’iarraidh iachall do chur orm: ní ghluaisfead: imtheóchad, chorróchad. Aon phioc eagla níl orm rómhat, téighir chómh fada léd dhícheall: déin an méid is féidir leat. Budh mhór an truagh go dtéigheann sé chun fiagaidheachta ar gach aon scéal, mara mbeadh san budh mhaith an t-eachtraidhe duine é: go leanann air gan stad. Má théigheann an chulaith sin an iomad eile ní cheannóchad í, tá sí ró-dhaor dom phóca: má shroicheann suim airgid is aoirde. Cad chuaidh an tigh?: cad é an méid airgid do chosain sé? Ná téighir ar an gclaidhe, iompófar thu: ná leig dod thrucaill, cóiste, gluaisteán dul anáirde air. Raghaidh an long ar an dtalamh mara seachantar í: buailfidh air nó tiormóchaidh air. Ní raghair as ar phúnt: ní thiocfair chómh saor san as: ní éalóchair ar an méid sin. “Seo sparán duit”, ars an gruagach, “agus dá mhéid a chaithfir de ní raghaidh as choidhche”: ní luigheadóchaidh sé. Téigheann sé ar an mBuailtín gach aon lá den seachtmhain: gluaiseann ann agus sroicheann é. Daoine ann a théigheas ar snámh gach lá tríd an mbliadhain: a thriallas chun agus a ghníos snámh. Scaradar lé chéile agus chuaidh gach éinne aca ar a chion féin: chuaidh gach éinne dhíobh i leith dhéanta do féin. Ní théigheann leanbh ar bith ón dtigh ar scoil: ní fhriothálaid í. Ní dearbhtha dhuit tabhairt fé ná go raghaidh an tinn ort: go mbeir thíos leis. Chuaidh an buaidh orainn i ndeireadh dála dá fhaid bhí ag rith linn: fuairtheas an lá, an fear maith, etc. orainn. Ní fheadar cad é an mío-ádh atá orm go dtéigheann an uile nidh im choinnibh: go dteipeann orm. Chuaidh na téada, leis an méid a bhí ann díobh, in achrann: b’shin í an aiste ina ránguigheadar. Más mian leat é, raghad id choinnibh ag stad na traenach: triallfad féd bhrághaid. Chailleas an geall, téigheann an deoch orm: is orm atá díol aiste. Ní dheaghaidh éinne riamh amach ar intinn mná: ní rabhthas i ndán í do thuigsint. Ná bac éinne ná téigheann é féin leis an lasóig nuair bhíonn an lasóg aige: is mairg an té a fhágas a ngnóth fé chúram cháich is gur féidir leis féin freastal air. Sa gheimhreadh téigheann an bainne in adharcaibh na mbó: téighid i ndísc. Tobac agus snaois, is ar bhean an tighe théigheann san: is uirthi atá a soláthar. Is fíor-ghearr do raghadh an méid seo airgid ar a bhfuil de dhaoinibh ag brath air: is beag díobh go sroichfeadh smut gach éinne é. Ná téighir ar an éitheach, luigh leis an bhfírinne: ná bíodh do thriall air: ná hiompuigh air chun bheith ag brath air. Má theipeann air siúd a bheatha do dhéanamh go macánta raghaidh sé ar bhitheamhantaidheacht: tabharfaidh sé é féin uirthi: luighfidh sé chúiche. Ceart nó mícheart, fíor nó bréag, chuaidh sé amach air gur chúbláil sé airgead daoine eile chuige: leathadh mar theist air í: sin í cáil a scaipeadh air. Mo mhallacht ar an té a chuaidh amach an chéad lá riamh uirthi mar dhigh!: an té a chuimhnigh ar í do dhéanamh. Tá sé ag dul díom fós cad í an aigne atá aige dhom ach raghad amach fós air: fionnfad: nochtfad dom féin é. Raghfá amach ar aonnidh is dul amach air sin: chuirfeá amach: nochtfá: gheóbhfá fhios air. Raghaidh nidhthe an tsaoghail seo ar ceal orainn: imtheóchaid gan aonnidh dá mbarr againn. Ní théigheann an dlighe ar an riachtanas: lé linn gábhtair ní géilltear don

dlighe ná dá leanann í. Ní théigheann aon trághadh ar ghrástaibh Dé: dá mhéid a ghéibheas iad bíd ann do n-a thuilleadh is a thuilleadh. Éist! ná bodhar sinn, ní théigheann aon lag ort ach ag cainnt, cainnt: choidhche ní éireófá cortha dhi. Ní dheaghaidh aon lag ar an ngála i rith na hoidhche: níor mhalartuigh sé ar laige. Ní théigheann aon stad air ach ag obair ó dhubh dubh: stad ar bith ní dhéineann. An truaghán, ní raghaidh aon mhéid choidhche air: ní athróchaidh sé ar bhreis ná borradh. Raghaidh an dlighe ort chómh siúrálta is tá biana ar bhata bacaigh má bhíonn aon lámh agat ann: bainfidh an dlighe sásamh díot. Ní fheadar connus go ndeaghamair as iasc an ionbhaidh bhreágh a bhí ann is sinn ar bhannc cheart: connus ná rugamair air. Cad a chuaidh ortha súd go rugadh sa tábhairne ortha thar éis trátha?: cad í an fhíneáil do ghearraidh cúirt na dligheadh ortha. Chuaidh fiche bliadhain phríosúin air as an nduine do mharbhadh: do cuireadh an méid sin duaidhnéise air. Dá dtéightheá ar spiarataidhibh an turus déidheannach budh mhóide do sheans ar éirghe leat: dá gcuirteá do mhuinghín asta is iad d'imirt. In ainm Dé téighir ar do ghlúinibh is ar choimirce Dé: luigh ortha. Chuadhas ar mo bholg go n-imthigheadh na piléir dem dhruim: shíneas air. Ní raghainn ar aon rud a déarfadh an duine céadna, ní bheadh aon mhuinghín agam as: ní adóchainn mo mhuinghín air. Téighir ar an mbóthar ann, ná bac treasna an chnuic: taisteal air. Raghaidh sé dian go maith orm deireadh do bheith déanta agam um an dtaca go bhfuil sprioc curtha liom: tabharfaidh sé mo dhóthain mór lé déanamh dom. Ní raghadh an saoghal amach air, nuair budh leat fios a aigne do bheith agat bheifeá na céadta mílte ar seachrán: is ró-dheacair é do mheádhachtaint lé n-a dhoimhneas nó lé n-a chlisteacht. Ní dheaghas amach in am ar an gcladhaire go dtí go rabhas creachta: níor fhionnas cad é an saghas duine go rabhas i dtreis leis. Téigheann sé d'fhiachaibh orm fanacht ag faire go maidean: níl aon dul as agam. Ní théigheann an teine as choidhche sa teaghlach so: ní mhúchann. An teine ná déintear cothughadh uirthi téigheann sí in éag: múchann: gheibheann sí bás. Mara dtéigheann as duit tá an scéal go maith agat: mara gcailleann nó dteipeann rud éigin ort go bhfuilir ag brath air. Is beag a théigheann as Éirinn go Mearaice anois: a shroicheann an áit thall as so. Pé iomard saoghalta atá orm téighim as gach aon nidh: teipeann orm aon rud do shaothrughadh, do ghnóthughadh, do bhuadhachtaint. Chuaidh sí as an mbiadh d'itheadh lé tamall: thárlaidh dhi ar an aiste ná fuil caitheamh i ndiaidh bídh aice. Budh cheart duit bheith buidheach de Dhia is de dhuine, chuadhais as go maith, níor dhóichighde dhuit ná do mharbhadh: scarais go maith leis: thugais na cosa leat: slighe gur cheart duit do bheith go rí-shásta. Ní raghadh sé as so dom dá marbhóchainn é: ní chorróchadh ón áit. Raghfá as do chiall dá gcuirfeá nath i ráidhtibh an duine úd: scarfá léi. Raghfá tamall maith sara bhfaghthá a leithéid de chladhaire: thaistealófá. Go deó airís ní raghad ar gcúl nó is díom a raghaidh: ní cheileabharfad: ní imtheóchad in olcas. Ní raghadh an gárlach chun suain ach ag lorg a mháthar: níor bh'fhonn nó níor bh'fhéidir leis a chodladh do thuiteam. Dá dtéigheadh an tigh chun suaimhnis labharfadh sé, ach ní féidir leis fé láthair é ag an gcallán go léir: dá malartuigheadh an gleódh ar chiúnas. Pingnidhe beaga, fánacha, suaracha ní théigheann choidhche chun suime: ní shroichid an oiread is gur fiú a n-áireamh. Chun do mhaitheasa nár théighidh sé maran agat atá an dúil ann: nár chabhraidh sé ná nár thairbhighidh sé dod shláinte. Aon scéal a théigheas chun faid slighe is fearr éirghe as: go leantar ró-fhada air nó ná réidhtightear in am thráth. Téigheann mórán airgid chun tighe do thógaint ar am fé láthair is a dhaoire atá gach adhbhar: ní mór é chuige: is gábhadh é. Cad é an méid snáithín a raghaidh chun feighre stocaidhe do dhéanamh dom?: a bhéas dóthanach chun a ndéanta. Chuaidh an tráthnóna chun deireannaighe orm ann dem aindeóin: d'aosuigh sé:

sar ar bh'fhéidir liom fágaint bhí sé deireannach. Ní théarnóchaidh sí an oidhche, tá sí ag dul chun deiridh: olcas ag teacht uirthi. Ar an gclódh atá ortha ní raghaid chun cinn choidhche, níl fonn ná deallramh ortha: ní thiocfaidh feabhas, breis ná méid ortha. Chuaidh an saoghal chun bochtanachta is b'éigean dom imtheacht as an áit: d'athruigh an saoghal ar olcas. D'fhógras air go mion agus minic staonadh ach in ionad géillte is amhlaidh a chuaidh sé chun anatais: a d'éirigh sé in olcas. Ól é ó tá an dúil go léir agat ann is nár théighidh sé chun do mhaitheasa: nár né sé cabhair mhaitheasa dhuit. Ní raghainn chun cinn lé bleaigeárd mar é go bhfuil a ainm anáirde ins na seacht bparróistidhibh: ní choimeádfainn ceann chuinge leis: ní raghainn ar aon scór leis: ní chuirfinn me féin ar chóimhrian leis. Má fhanair aon tamall eile anois raghair chun seachráin ar fad: fanfair ró-fhada is déanfair faillighe ar theacht in ao'chor. Ná téighir chun sean-bhróg ar fad ar an gcúrsa, is maith an rud smut: gan leanamhaint ró-fhada air: sians do dhéanamh de. Cad tá ag dul chughat-sa den airgead so?: cad é do chionn: do roinnt. Ní dheaghaidh an t-éitheach riamh chun tairbhe éinne: níor dhein sé pioc maitheasa. Annsúd seadh théighid chun teampaill: go néid freastal i gcóir úrnaighthe, etc. Níor mhaith liom go raghfá chun feirge liom ar rud chómh suarach: go dtiocfadh fearg ort. Dá bhfanthá i rith an gheimhridh ann raghfá chun báis: thiocfadh do bhás dá chionn. Chuadar chun mórán duaidh ar mo shon, ní raibh aon rud a theastuigh uaim ná go bhfuaireadar dom: chuireadar strus ortha féin chun mo mhaitheasa do dhéanamh. Téighimís chun cainnte leo, b'fhéidir go mbeadh eólas aca ar an áit atá uainn: gluaisimís agus labhraimís leó. Chuadhas i leathtaoibh liom féin ar feadh tamaillín: ag suidhe liom féin nó ag déanamh mo chuid uisce. An fada ó chuadhais chun faoisdine?: ó dheinis í. Téigheann na scillingidhe seo chun pingin mhaith orm fé dheireadh na bliadhna: sroicheann siad suim mhaith airgid. Ní bhacfadh sé tharais aon rud ná raghadh chun airgid: nár bh'fhéidir airgead do ghnóthughadh as. Má leanair air mar táir anois raghair chun an donais: ní staonfair go dtí go mbeidh thiar ort. Chuaidh sé chun bheith ina dhochtúir, ach níor éirigh leis: chuir sé roimis é: dhein sé stuidéar chuige. Má leanair ar bheith ag ól mar sin raghair chun an phota: an aindeise do dhán. Cá dtéigheann an bóthar so?: cá sroicheann?: cá bhfuil a thriall? Cá dtéigheann anamacha na bhfíréan thar éis bháis?: cá mbíonn a dtriall?: cá longuighid ina dhiadh so? Raghainn chughat dá mb'eól dom gur theastuigheas uait: ghluaisfinn go dtí thu lé fonn do chónganta. Ní raghadh sé ag triall ar bhraon uisce lé leisce: ní ghluaisfeadh: ní thriallfadh chun a bheartha. Téighir-se chun tosaigh, agus raghad-sa i lár slighe: gaibh ionad ann. Cuir ort an hata san agus fág ort é, téigheann sé go hiongtach duit: oireann sé dhuit: is maise dhuit é. Connus chuaidh do i dtigh na cúirte?: connus d'éirigh leis. Níl aon rud a chuireann sé ina ghoile ná go dtéigheann go maith dho: go réidhtigheann leis. Caithfir bheith sásta leis an méid sin, ní théigheann a thuilleadh dhuit: níl buannacht agat air: níl a thuilleadh ceapuighthe dhuit. Ní théigheann an caifí seo go ró-mhaith dhom, mar nár thaithigheas im óige é, b'fhearr liom aon bholgam amháin té na lán caláin de: ní réidhtigheann liom. Ní théigheann an geimhreadh go maith dhi, bíonn sé i bhfad ró-fhuar di: ní fearrde í é: ní réidhtigheann lé n-a sláinte. Ní raghaidh an ghaoth seo dhúinn, tá sí ró-dhocht: ní bheidh sí fabharach. Cad éirigh as an gceist seo, téigheann sí dhíom: ní féidir liom í do réidhteach. Téigheann díobh aon phingin dá gcuid fiach do bhaint amach: teipeann ortha. "Ná fill ar an mball so gan cómhartha éigin do bheith agat" – "is díom a raghaidh": má néann mo dhícheall é beidh sé agam. Is de a chuaidh ná fuair sé lé pósadh í: dhein sé a chroidhe díchill má dhein neach riamh é. "Chuadhais díom", deirtear lé duine nách féidir aon chomhthrom do

bhaint de, nó nách féidir léigheamh air. Raghfá den ndiabhal féin, sin é crích is deireadh na mbeart: ní féidir an lámh uachtair d'fhagháil ort: is deacair bheith maith do dhóthain duit. Téigheann an eochair leis an nglas: bainid lé chéile: is iad d'oireann dá chéile. Is corónta mar théigheann sé lé n-a athair ar gach slighe, na ceannaghtha céadna, an gáire, na béasa is an fhearamhlacht: deallramh mór aige leis ar gach cuma. Ná hárduigh leat go fóill an t-airgead san, téigheann a thuilleadh leis: níl sé in iomlán ar fad: tá fuighleach éigin air. Téighim leis ar gach aon rud gur féidir liom aon tsaghas géillte do thabhairt do d'fhonn é do shásamh: aontuighim leis: bím ar a thaoibh. Ní théigheann teas ná fuacht leis, cad é an saghas duine é?: ní réidhtigheann: ní thaithnigheann leis: duine gur deacair réidhteach nó cóstáil leis. Is oth liom a rádh leat ná téigheann do hata léd chulaith: ná hoireann dréir datha, etc. An dtéigheann an drabhfhuigheall chainnte sin síos leat? ní lugha liom-sa an sughadh 'ná í: an mian leat í?: an dtaithnigheann leat? Raghainn ar fuaid na cruinne leat!: thionnlacóchainn thu: b'áil liom bheith it fhochair. Nách mór agus nách díomasach atáid dá chéile nách túisce thárluighid ná téighid lé chéile: troidid. Téigheann an bheirt chladhairidhe úd go maith lé chéile: oirid: aontuighid: níl aon deifridheacht eatartha. Ní hi gcómhnaidhe théigheann leis an ngadaidhe dá fhaid a ritheann leis: a éirigheann leis. Ní go minic a théigheann cómhar na gcómharsan lé chéile: tagann tráthanna ná réidhtigheann lucht meithealach lé chéile. Raghad féin féin leis an airgead chughat: béarfad chughat é nó raghad ghá thionnlacan. Dá dtéigheadh leat breith ar éan chómh suaithinseach budh mhór é do chlú dá bharr: dá n-éirigheadh leat. Raghaimíd go léir leat má chuirir isteach ar bheith id theachta: tacócham leat. An raghaidh éinne fé dhom go ndíolfaidh an duine seo me má thugaim earraidhe ar iasacht do?: an ndéanfaidh éinne urradhas air?: an mbeidh tacaidheacht éinne agam? Téigheann an bád ró-mhór fé i bhfarraige shuaidhte: bíonn sí "ag tóch": bíonn a tosach ag dul fé uisce. Téigheann an t-uisce fén bhfalla: gluaiseann laistíos de. Chuaidh an deoch the fés na féitheannaibh aige, is níor bh'fhada go dtáinig sé chuige féin: scaip, leathanuigh, thriall, shroich sí. Ní hé seo an té is túisce a raghadh fén ualach: gur mhian leis a iomchar. Ní raghadh sé fé láimh dochtúra, b'fhearr leis bás d'fhagháil fé iomard: ní ghlacfadh lé cómhairle ná leigheas. Raghaidh an aicíd seo fén ndúthaigh ar fad mura gcoisctear in am í: scaipfidh. Raghadh a thuilleadh céireach fén snáithín dá mbeadh sí agat: níor mhór do a thuilleadh chun an chantaim chirt do bheith air. Ní théigheann gaiste fé sin, laitfeadh sí é: ní ghlacann léi: ní cuirtear fé í. Ní fhágann sé an gort go dtéigheann grian fé: go tuiteam oidhche: go fuinneadh. Téigheann iarann fé loch: súncálann sé. An bhean gan fliuchadh a béil aice ach mar gheibheann sí ar a pinginn é, is fada go ndeaghaidh sí fé n-a bó: gur chruadhaidh sí bó. Raghaidh an deoch so fén inchinn agat, tá sí ró-láidir duit: goillfidh sí ort lé mearbhall. Chuaidh boladh an tsáile fúm: bhraitheas ag rith tríom chreat é. Ná tuigeadh neach go raghaidh an namhaid fé chómh luath agus tuigtear do dhaoinibh: go gclaoidhfear í. Nách mór an dúil a thug Dia dho ann go raghadh sé fén roth chuige: go raghadh sé i dtreis aon ruda: ná beadh aon eagla air tabhairt fé aonnidh in iarracht a shroichsteana. "An bhfuil eagla ort ná beidh sé dílis duit?" – "raghad ina threis": raghad ina sheans. Chuaidh an sionnach fé thalamh ar an gconairt, is b'éigean dóibh an tóir do thréigean: i ngnáthóig thalmhan. Raghair fé mhairg is fé bhrón mara mbíonn ciall agat: sin é a thiocfas duit as. Go dtéighir fí áthas: ag imtheacht duit nó i gcrích aon imtheachta dhuit go mbí áthas ort dá thoradh. Téighimís fé fhothain ón sín: triallaimís fé scairt. Téighir fém scáth-sa, a mheathtaigh, nuair bheireann an bhroid ort: triallais chugham chun do chosanta. Chuadhas fé dheireadh go mór san eallach úd, dhíolas iad i bhfad fé

bhun an airgid do thugas ortha: chuadhas siar: chailleas ionta. Is soiléir ar fhéachaint ar a ghnúis is a chéim go bhfuil sé ag dul fé dheireadh: ag tréigean, ceileabhradh, ar gcúl etc. Téighir fé chosaibh an chorpáin: iomchair iad. Téighir amach fén spéir duit féin, táir sa tslighe ar na daoinibh annso: ar an mbán: as an dtigh. Raghad fén dtuaith ar feadh mí: triallfad is fanfad ann. Chuaidh an ráfla fén gcathair go raibh an namhaid grod di: scaip nó leath sé. Aicíd dhiabhail éigin a chuaidh fés na féitheannaibh agam is nár bh'fhéidir do bhogadh: a scaip. Chuadar fésna cosaibh agam, is ní fhéadfainn corruighe aca: chuadar in achrann. Táim dall amach, chuaidh smúit fém shúilibh: fés na duilleógaibh is tá ag goilleamhaint orm. Ní raghainn amach fé n-a bhrághaid dá mbeadh ór na cruinne aige tá an oiread san gráin agam air: chun buailte leis: dul ina dháil. Téightear go hárd fén bhfarraige ag triall ar iasc: amach i dtreódhannaibh áirighthe. Raghaidh fút annsan má chromair ar sheanchaidheacht: raghair chun faid slighe is faillighe ann. Téighir fé n-a oscail, tá sé an-lag: déin tacaidheacht leis ar do ghéag do chur ina oscail. Má tá cion ar t'anam agat ná téighir fé n-a léith: in aon ionad go mbeadh cao ná cómhacht aige ort. Chuaidh an deoch láidir fé n-a anáil is marar chuir sí ag casachtach é: ghaibh sí an bealach mí-cheart. Raghaidh an cúrsa fé ghuth na ndaoine: fágfar fé n-a socrughadh é. Sin í díreach an bhliadhain a chuadhas fé láimh easbuig: ceileabhradh riachtanach dóibh seo a bhíos baistighthe chun cumaoin naomhtha do ghlacadh: teangmháil lámh an easbuig ortha so a bhíos tagtha d'aois chun aithdhearbhtha do dhéanamh ar na geallamhaintidhibh do thugann cáirdeasaidhe Críost ar a son lé linn a mbaiste. Gidh go bhfuil cuid mhaith fuilngthe aige raghaidh sé fé n-a thuilleadh: gheóbhaidh sé trí n-a thuilleadh buadhartha. An dtéigheann san éadach so? mar ná théigheann déin flúirseach mo chulaith: an seargann sé? An dtuigtear duit go raghaidh sé i méid, is an crot meathaluighthe atá air?: go bhfásfaidh sé: go dtiocfaidh toirt ann: go dtiocfaidh breis air. Chuaidh an chos i dtinnidheacht is i dtinnidheacht chómh mór san gur mheasas go gcaithfí í do ghearradh dhíom: mhéaduigh an tinneas innte. An raghaidh sé i bhfeabhas? an dóigh leat?: an dtiocfaidh maitheas air?: leis an aimsir an athróchaidh sé níos fearr 'ná tá sé anois? Ag dul i luighead atá mo chuid airgid in aghaidh an lae, ní fada eile sheasóchaidh sé anois: lé himtheacht na haimsire is lugha agus is lugha do bhíonn agam. Raghaidh ann fós leis an aimsir, ná bíodh eagla ort ná go ndéanfaidh sé buachaill groidhe: tiocfaidh breis toirte is nirte ann. Tá an soitheach so chómh lán is ná raghadh a thuilleadh ann: ní bhfaigheadh a thuilleadh slighe ann. Aon cheal meisnigh níl air, raghadh sé i leith aon tsaghas báid, olc nó maith ar an bhfarraige: ar a hiontaoibh: baoghal nó gan baoghal raigheadh sé innte. An raghfá ann dom?: an dtriallfá?: an ngluaisfeá ar theachtaireacht, mar chomaoin orm etc.? Nílir ag dul in aois pioc: níl cuma aosta ag teacht ort. Raghaidh an t-aos ann ar nós gach éinne: fágfaidh na bliadhanta a rian air. Ní théigheann dlighe sa mbuille ná buailtear: níl aon dlighe ag baint lé buillidhe bagartha. Cá bhfuil an rud ná go dtéigheann an caitheamh ann: caitheann nó ceileabhrann an uile rud. An rud a théigheann i bhfaid téigheann sé i bhfuaire: an rud ná féachtar chuige in am nó ná cuirtear chun críche tugtar faillighe fé dheireadh ann. I dtairbhe dho nár théighidh a mhaoin, mar is go holc do fríoth a bhfuil aige: nára fearrde é: aon mhaith nár né dho. Ní bheir sásta anois go raghair ceangailte ann: in achrann: i gcoimheascar nó i dtroid lé. Raghaidh sí sa bhficheamhadh bliadhain sara leigfear di pósadh: sroichfidh sí an aois sin. Raghfar san éileamh orm, is cad dhéanfad annsan? níl pingin ruadh agam: cromfar ar bheith ghom thóraidheacht i dtaobh fiach. Ní bheadh aon iontaoibh agam as an anchúinse ná go raghadh sé séantach ann dá mbudh dhóigh leis go ndéanfadh aon mhaith dho: raghadh siar air: ní adhmhóchadh gur

bh'fhíor rud nó go ndubhairt cheana é. Raghad i gcois go ndubhart é, níl aon deimhniughadh aca air ach a fhocal san: séanfad é. Daoine a théigheann i gciallmhaireacht leis an aois: go dtagann breis dá gcéill dóibh. Raghaidh an galar i gceangaltacht ort mara dtugtar cóir leighis do: níos déine agus níos greamuighthe. Má théighir amugha ná habair ná gur cuireadh ar do shúilibh thu: má imthighir ar an mbóthar ceart. B'fhéidir ná faghfá an lá air, ach raghair go beilt an chloidhim air: an-dhian air: ní bheidh mórán lé maoidheamh id dhiaidh aige. É chómh plámásach, sleamhain sin go raghadh sé tríot isteach: go dtafantóchadh sé a mhuinnteardhas ort go mbeadh eólas ceart aige ort. Gaoth bhorbh, ghéar ann a raghadh i gclár daraighe: a gheóbhadh tríd. Ag dul in aois ag dul in oilceas: aon athrughadh ar fheabhas níl ag teacht air. Má chloiseann sé é raghaidh sé san aer: brisfidh ar a mhianach nó ar an bhfoidhne aige. Ní dheaghaidh aon bhliadhain riamh im choinnibh chómh mór léi: níor éirigh aon rud liom lé n-a linn. Dá dtéidhtheá it éisteacht ar feadh tamaill b'fhearrde do do lucht éisteachta é: dá mbeifeá gan do bhéal d'oscailt. Sin camplacht poilitidheachta ná raghaidh i gceannas choidhche airís: ná rangóchaidh leó cómhacht do shroichstint. Ná bí ag cainnt maidir lé fáilte roimis, ní mór ná go ndeaghaidh sí ina codaibh beaga tímcheall air: nár bh'eól di connus dob fhéidir léi a gradam do chur in iúil do. Raghaid in aonfheacht má théighid in ao'chor: beid i bhfochair a chéile ag gluaiseacht. Ní raghainn i ndéine air mara mbeadh é féin, agus a chiotrúntaidheacht a bhí sé: ní chuirfinn an oiread duabhaise ná deacarachta air. Ní dheaghaidh aon bhean riamh im chroidhe mar chuaidh Máire: níor ghaibh m'aigne mo smaointe ná mo ghean. Chuaidh an áit ina chroidhe, níor stad sé de bheith ag cainnt air ó chonnaic sé é: chuir sé iongadh is taithneamh air. An diabhal féin ní chuirfeadh rud as a cheann a théigheas ann: a ceaptar do do dhéanamh: a meáidhtear do bheith ceart, etc. Ní bheidh faic air, níl ach an deoch bheith dulta ina cheann, tiocfaidh sé chuige féin: éirighthe ina cheann: í do bheith ag goilleamhaint air. Bheadh airgead agat mar tá ag mórchuid eile dá dtéightheá ina threó: dá n-oibrighteá ar a shon mar budh cheart. Tóg mo chómhairle is ná téighir ina threó nó is baoghal duit: fé n-a dhéin: in aon áit nó ionad go dtiocfadh sé treasna ort nó gur bh'fhéidir leis do dhíth do dhéanamh. Raghad féd chóir ann agus ná tuigtear duit go mbeadh gach nidh ar do thoil agat, mar ná beidh: chun bacamhaint leat. Ná téighir in iontaoibh éinne gan aithne mhaith do bheith agat air: ná leig duit féin muinghín do bheith agat as. Raghad i mbannaidhibh air duit ná déarfaidh sé ach bolg-lár na fírinne: tabharfad urradhas duit air gur mar sin do bheidh. Ná deaghaidh sé i mbaoghal bháis ar do shon? cad eile b'fhéidir lé héinne do dhéanamh?: nár chuir sé é féin i gconntabhairt a anama. Téighir ina dhiaidh anois, is tá sé air agat teacht suas leis: gluais is lean é. Leig mise rómhat, téighir im dhiadh-sa: lean me ar mo lorg. Téighir i ndiaidh do thóna, a bhuachaill mhaith!: cúl: cúb: tairring chughat. Lé teas agus brothallacht na haimsire chuaidh an tobar i ndísc: thiormuigh sé: níor fhan aon uisce ann. Raghaidh an bainne i ndísc: ar ceal ges na buaibh. Chuaidh sé i ndearmhad air go raibh coinne aige liom: d'imthigh sé as a chuimhne. Chuaidh dealg ionam: cheangail sé im chuid feóla. A leithéid eile de lá níor chuir sé isteach riamh, chuaidh sé ina ghoile ar fad: bhí sé dóthánach de: chuaidh gach rud ina choinnibh is bun os cionn air. Níl aon rud a raghadh ina fhabharaidheacht, cam nó díreach, ná go ndéanfadh sé: a dhéanfadh a bhail: a raghadh chun a thairbhe. Chuadhas i bhfiachaibh leat, rud nár bh'fhiú: leigeas dom féin fiacha do thuiteam orm mar gheall ort. Raghaidh gannaidhe na beatha in iomadamhlacht airís nuair raghaidh an saoghal chun suaimhnis: tárlóchaidh go mbeidh breis díobh ann. Raghad i gceannamhlacht ort má bhír id gharsúinín mhaith: méadóchaidh mo chion ort.

Cé raghadh im ionad in áit chómh huathbhásach leis?: cé bheadh sásta lé gabháil trí n-ar ghaibheas? Raghadh sé i bpoll meangáin, taráthair, meanaithe uait!: tá sé scannruighthe ina bheathaidh rómhat. Téigheann is tagann ann: ní chuireann neach isteach air teacht is imtheacht mar is mian leis é. Chuaidh sé i bhfaid 'si ngéire orm a innsint do an bhfeaca thu ghá dhéanamh?: dhein sé a dhícheall d'iarraidh an méid sin feasa do bhaint asam. Chuaidh an céachda i dtalamh: go doimhin fén bhfód. Raghadh sé id bholg tá sé chómh glic sin: bheadh sé ag taighdeadh féd mhuinnteardhas lé súil lé heólas d'fhagháil. Go deó na ndeór ní raghair anáirde: ní shroichfir neamh. Nuair aosóchaidh sé raghaidh sé in éifeacht: tiocfaidh ciall is stuaim do. Ní raghainn órdlach i ndiaidh mo chúil ó aon spreasán aca: aon eagla ní bheadh agam rómpa. Céagaibh sa teaghlach so a raghaidh i ndiaidh na mbó?: ghá seóladh. Raghad-sa i ndiaidh an ghluaisteáin: chun a thiomántha etc. Raghair i mbéal na ndaoine má leanair ar an imtheacht ait atá fút anois: beidh gach éinne ag cainnt ort go ceartéiseach. Dá mbeitheá d'iarraidh é do mhúineadh go gcaithfeá t'fhiacla leis, ní raghadh faic ina chluasaibh: ní fhoghlumóchadh sé. Téigheadh a chuid cainnte isteach i gcluais leat agus amach trís (tríd) an gcluais eile: ná tóg aon cheann dá ghlór. Níor shaoileas go raghadh sé i gcruinne choidhche: go sroichfeadh an aiste aigne go mbeadh cion ar airgead aige, nó fonn a choimeádta. Raghair im scórnaigh má deirim leat cad tá ar m'aigne do dhéanamh, mar ná taithneóchaidh sé leat: tabharfair íde bhéil orm: ionnsóchair me. Gan eaga mo bhéil d'oscailt chun ruda do mhíniughadh dho chuaidh sé im mhullach: d'ionnsaidh me: chrom ar me d'imdheargadh. Téighim i reimhre, i gcaoile, in óige, in aois, i maille, i bhfeirge, i saidhbhreacht, i méid, in aindeise, etc.: ránguighim ar aiste breis díobh so do bheith orm. Chuadhas follamh an turus úd: ní rugas faic liom: ní raibh faic de bharr m'iarrachta agam. Chuadhais éadtrom go maith as, fiche púnt: tháinighis saor go maith as. Go dtéidhir slán: nár éirighidh aon tionóisc ar do thurus leat. Tá ádh leat nó buaidh éigin agat má théighir uaidh siúd gan máchail d'fhágaint ort: má éaluighir, má thugair na cosa leat. Ní hé an té a théigheas uain an dream d'fhágann sé ina dhiaidh an truagh: a gheibheas bás. Ní raghair ó bhéal na ndaoine, dá fheabhas dícheall do dhéanfair: beid ceartéiseach ort det aindeóin. Níl aon ghearán do thagann air ná go dtéigheann sé uaidh: ná go gcuireann de. Ná tuig go raghair uaim chómh bog san, caithfir greim bídh do bheith agat dá marbhóchadh sé thu: go bhféadfair imtheacht uaim: éalódh uaim: mo chúram do chur díot. Raghaidh sí ó chlainn is baoghalach: imtheóchaidh a tréimhse gan clann do shaoghalughadh dhi. Raghad ó dhuine go duine go bhfaghad an té atá uaim: siubhalóchad ortha go léir. Ní raghair ó bhualadh an turus so, tá beartha ort: ní éalóchair an rud atá ag dul duit. Raghadh sé ón bhfuinneóig go dtín doras duit: shroichfeadh sé. Téigheann sé ó mhíniughadh ges an gcuid is fearr des na scoláiridhibh: ní éirigheann leó. Óm chroidhe amach seadh théigheann mo ghuidhe dhuit: tá sí agat go dúthrachtach. Chuaidh sé ó bhéal béal is níor bh'fhéidir a chosc: scaip sé go fóirleathanadamhail. Ná téighir tharais, tá an fear ceart agat: ná taisteal a thuilleadh. Téigheann siad thar brághaid annso gach lá: gluaisid: triallaid an bealach. "Cad déarfá leis mar bhuachaill lé toghadh i gcóir imeartha?" – "ní raghainn tharais": ní thoghfainn neach eile roimis. Ól do dhóthain ó tá an dúil mharbhtha agat ann, ach ná téighir thar chailc: an iomad thar meón. Ná bíodh aon eagla ort im thaobh, ní raghad thar meón: ní dhéanfad breis 'ná mar tá cuibhe do dhéanamh. Is oth liom é, ach is baoghalach go ndeaghais thar ceart: go ndeárnais oiread is nár chuibhe, nár chall, nár theastuigh. Má leanann sé air ar an gcuma mhí-chiallmhar so raghaidh sé thar fóir ar fad: an fhaid sin ná féadfaidh filleadh, nó ná beidh aon dul ar é d'fhuascailt. "An ndubhart an iomad?" –

“chuadhas thar teórainn”: an iomad. Ní raghainn thar doras agat: ní gheóbhainn an tslighe sin lé droichmheas ort. Ná téighir thar mo chrois, nó má théighir is tinn duit: má dheinir rud do chrosaim ort. Raghair thar parróiste amach ar an ngabháil atá ort: fágfair é. ‘Is é a ghoid an t-airgead, sin mar tá ráidhte, diúltuighim do” – “ní raghainn tharais leis”: chúiseóchainn é leis chómh luath is chúiseóchainn neach eile. Ná téighir tharais sin, tá cion fir déanta agat: stad mar a bhfuilir. Ná téighir thar do riocht nó beir ina aithreachas: ná téighir níos déine ort féin ’ná mar tá fulang agat air. Ina dhiaidh san lé heagla go mbéarfaí air chuaidh sé thar chaladh: d’imthigh sé thar farraige. Théigheadh na mílte thar farraige go dtí gur cuireadh cosc leo: d’imthighidís go tíorthaibh eile. Ní dheaghais tharm, an ndeaghair?: an rabhais níos fearr ’ná me. Téigheann an saoghal mór thar bhéal an dorais againn: gaibheann mórchuid daoine an treó. Raghadh sé tharm ar airgead: b’fhéidir leis breis de do theasbáint do bheith aige. Crios ró-ghearr atá innte ná raghadh tharm aniar: ná sroichfeadh mo thímcheall ar fad. Cuadhthas tharm riamh faid a bhíos bocht, anois is rud agam is mór ges gach éinne me: níor cuireadh aon tsuim ionam. Ní deaghthas tharais sin orm – dhá cheist díreach do chur orm: sin ar cuireadh de bhuaidhreamh orm. Ná bíodh aon fhaitchíos ort go raghaidh focal thar mo bhéal de: go dtairringeóchad chugham im bhéal ná im bhrághaid é. Lé duine gur maith leis gach rud a bhíos ar siubhal do chlos deirtear, “nár théighidh (ní raghadh) an oiread thar do chluasaibh”: ní imtheóchadh an méid sin i ngan fhios duit lé fiosracht. Téigheann an cúrsa thar mo thuigsint, aon bhun ní bhfaghaim leis: téigheann sé dhíom: tá sé ró-dhoimhin dom. Chuadar fúm is tharm fanacht ina bhfochair go maidean: dheineadar tafant an-dhian orm gan iad d’fhágaint. Cé chuaidh tharm amach (isteach etc.) anois?: cé ghaibh? Raghadh do ghéaga tharais an gcrann bhí sé chómh caol san: bheidís fada a ndóthain chun dulta ina thímcheall. Áit mhealltach é go raghfá thar t’aoirde go tapaidh ann: in uisce a bheadh ró-dhoimhin. Ní théigheann sé thar tairsing: ní mór go dtéigheann sé amach in ao’chor. Ná téighir thar mo phóca air: ná hainmigh luach nách féidir liom d’íoc. Raghadh an fear san thar a chumas duit nó d’éinne gurbh fhiú leis air é: ar do shon dhéanfadh sé cuid mhór. Raghad fara mo mhuinntir: in aon uaigh leó. Ní raghadh neach farais in aon áit: mar chuideachtain aige. An raghadh so fara na coda eile id phóca?: an mbeadh slighe in aonfheacht leó? Téigheann sé gan luid céille nuair cuirtear fearg air: scarann sé léi. Duine ná téigheann aon nidh gan innsint uaidh: ná bíonn faitchíos air an fhírinne do scaoileadh chun cháich a rogha aca a thaithneamhaint leó nó gan: duine ró-bhéalscaoilteach. Téighid gan bróga ann i dtúis a saoghail: ní chaithid iad. Níor mhaith liom go raghadh éinne gan biadh: go mbeadh a easbhaidh air. Bhuail taom éigin é go ndeaghaidh sé gan chainnt dá bharr: gur chaill sé a úrlabhra ina thaobh. Raghadh sé tríot bheith ag éisteacht léi ag gearán siar in uaigneas na hoidhche: ghoillfeadh sé go híogair ort. Ní théigheann sé tríom an lá bheith dhá fhagháil ortha: ní ghoilleann orm. Ní hé is mó a chuaidh tríom a bheith gan airgead ach bheith ghá chasadh liom: a ghoin me: a chuir buadhairt orm. Chuaidh sé trís na míltibh lé n-a linn: chaith sé é. Chuaidh an chainnt go croidhe tríom: ghoirtigh sí go mór me. Chuaidh an scian ó thaobh taobh trí n-a ghéig: ghaibh glan amach tríd an dtaobh thall. Raghad thríd an scéal d’fhéachaint an bhfuil aon dearmhaid ann: infhiúchfad gach pioc de. Raghadh an capall san trí mhuileann d’íosfadh sé an oiread san: chuirfeadh sé crích ar an méid bídh a gheóbhadh sé. Raghadh sé tríotha mar raghadh seabhac trí scata mion-éan: dhéanfadh a gclaoidheachtaint. Chuadhthas trís na pócaidhibh seo cheana: cuarduigheadh iad. Raghfar tríd an gcúrsa ar fad d’fhonn agus crích do chur air: criathrófar é: scrúdófar. Raghaidh na báillidhe tríd an bparróiste: taistealóchaid é go léir.

D'fhuilngeas an oiread san ná raghainn tríd airís ar aon rud: ná gheóbhainn lé n-a ghuais ná a dhuadh airís. Raghadh sé trí chródh snáthaide dhuit tá sé chómh seang san: gheóbhadh tríd: ní cheanglóchadh ann. Raghadh an radharc trí chroidhe na cloiche glaise: phollfadh í lé n-a thruaighmhéile. Raghadh rinn a súl tríot: bhraithfeá géire silleadh a shúl. An glór a bhí aige raghadh sé siar is aniar tríd cheann: ghoillfeadh a ghairge ar do cheann. Raghadh súd tríot mar saighead nimhe: bhraithfeá ag rith trí gach ball ded chorp é ar an dtoirt. Siolla isteach fén ndoras a raghadh trí chlár daraighe: a thollfadh é: gaoth ghéar, nimhneach, fheannaideach. Raghfá trí bhannc! cad dheinir in ao'chor léd chuid airgid?: chaithfeá an dúthaigh Éireann is é do bheith agat. Téigheann rudaidhe neamhfhearamhla mar sin trí dhuine: goillid air. Téigheann scéalta mar sin tríd an ndúthaigh agus is deacair iad do bhréagnughadh: scaipid. Chuaidh sé san aer nuair dubharthas leis ná raibh aon mheas air: tháinig buile air. Chuaidh an oidhche thar druim is ní raibh aon fhonn fágtha ortha: chun deireannaighe go mór. Téighim roimis gach lá ag dul abhaile dho ón mbaile mór ag lorg tuairiscidhe air: tagaim fé n-a bhrághaid. Nách breágh ná deaghais lé héinne a chuaidh rómhat: éinne ded shinnsear. Raghad-sa rómhat-sa, fan-se siar: gluaisfead ar tosach. Chuala go ndeaghaidh sé ar chaoir mhóir ar bhfagháil an airgid do: go ndeárna sé póit throm. De chois a raghad ann: mar sin a thriallfad. Ní raghadh an t-uaireadóir seo ar siubhal: ní chorróchadh na hoibreacha innte. Raghad dréir mar déarfar liom: leanfad an chómhairle nó na hórduighthe a gheóbhad. Raghadh sé gan biadh ar feadh i bhfad: gan gearán do dhéanamh do bheadh sé ar an aiste sin i rith na feadha san. Connus chuaidh an cluiche?: connus mar thárla dho?: cad í an chrích a bhí air? Seo mar théigheann an ceól, éist leis: sid í an fhoirm atá air. Tá sé socair im udhacht agam gur chughat a raghaidh mo chuid airgid ar fad tar éis mo bháis: féd riar: id sheilbh. Is cois na teineadh théigheann an tlúth: is annsan atá a ionad dual. Cá raghaidh an bórd so?: cad é an áit gur b'é a ionad do bheith ann? Ná téighir thar n-ais 'on tigh nó beidh aithreachas ort: ná fill air. Tóg mo chómhairle is ná téighir eatartha: ná déin teasardha: ná cuir do cheann ina gcúirimidhibh. Ná téighir i ngoire na háite sin, níor mhaith dhuit é: ná bíodh aon bhaint agat leis. Chuaidh sé i ngiorracht phuinnte an bhioráin do é do mharbhadh: d'fhóbair do: ní raibh ach a rádh gur thug sé na cosa leis. Raghaidh do chomplacht amach ar an gcéad toghadh eile: caillfid a gcómhacht. Níl an oiread aráin ann is raghadh tímcheall: a dhóthain do bheith lé riar comhthrom ar a bhfuil ann. Is baoghal liom go bhfuil an chómhacht id choinnibh ró-láidir is go raghair fé: go gclaoidhfear thu: go mbuaidhfear ort. Taoide an-láidir atá ann téigheann an t-éadtromán fé ó am go ham: súncálann sé. Chuaidh a cheann fé lé náire nuair cuireadh in iúil air cad bhí déanta as an slighe aige: chrom a cheann: níor fhan focal aige. Ní fhéadfainn dul leat ar gach nidh a deirir: aontughadh. Ní théigheann mí-bhéasa is mianach uasal lé cheile: ní bhíonn aontas ná réidhteach eatartha. Cén fáth go dtéighir i ndiaidh t'fhocail? an bhfuil aon mheas agat ort féin?: go dtréigir é. "Labhair lé cloinn Israel, agus abair riú má théid bean fhir ar bith do leathtaoibh agus coir do dhéanamh n-a aghaidh..." (Uimhreacha V. 12): má fhágann an casán ceart. "Agus rachuidh thusa chun th'aithreach a síothcháin; agus adhlocthar thu n-a aois fhoirse mhaith" (Gen. XV. 15): triallfair: gluaisfir. "D'eagla go ndéantá connradh ré dúthchasaibh na tíre, agus go rachaidís do striapachas a ndiaidh na ndé sin etc." (Eacs. XXXIV. 15): go dtabharfaidís iad féin ar an nidh sin. An dóigh leat go raghaidh na báid amach anocht?: ar an bhfarraige ag iascach. Raghair isteach mara mbír aireach: i gcarcar. Níl aon amhras agam ná gur síos a raghair: go hifreann. Raghad os do chionn ar an áit: tairngeóchad breis airgid air. Cad tá ag dul orm as an mbéile?: cad é an táille. Ní hag dul

as duit, is tú atá go cothuighthe: ag tréigean: ag caitheamh, ag lomadh. Ní raibh aon dul as agam, b'éigean dom aghaidh do thabhairt air: é do sheachaint: éalódh. Ní feictear dom cad é an fáth atá agat lé bheith ag dul ar t'ingnibh deiridh ina thaobh: tóirtéis ná mustar do bheith fút gan chall leis. Táir ag dul lé baois má tuigtear rudaidhe mar sin duit: an mheabhair ag scaipeadh. Is fada an bhúrdáil sin ag dul do: tuillte aige. Is fadó thug a mhuinntir suas é sin, tá sé ag dul díobh: ní féidir leó é d'fhagháil lé cómhairleach ná tafant. Díreach agus me ag dul fén gcómhrainn coisceadh me: chun í d'iomchar. Ag dul fé díreach do nuair rugadh ar stuaic cinn air is saoradh é: ag súncáil. An mbeir ag dul fara na coda eile: ina bhfochair. Go dul ann do, ní raibh aon choinne aige ná go bhfaigheadh a raibh uaidh: go dtí gur ránguigh ann. B'fhearr dho gan a dhul ann: triall agus sroichstint. Níl ag dul ina chuid airgid, agus sin é atá ghá mhilleadh: aon bhreis ag teacht air (ann). Táid ag dul i gceann a chéile: ag teacht lé chéile. Is éachtach mar tá sí ag dul lé n-a máthair: na tréithe céadna is an clódh céadna dhá fhoillsiughadh aice. An bhfuil a thuilleadh ag dul leis an scéal so?: aon aguisín i dteannta an méid seo. Bead-sa ag dul libh mara bhfuil aon chol agaibh liom: lé nbhur gcois. Is fada ag dul ó smacht an leanbh san: ghá sheachaint: gan é ghá fhagháil. Ní hag dul ó dhúthchas do bheith fial: bhí a mhuinntir roimis mar sin. Seo an méid airgid atá ag dul uaim duit: atáir i dteideal d'fhagháil. An diabhal san, níl aon rud ag dul uaidh: deineann sé gach aon rud is mí-riaghalta 'ná a chéile. Ach fan, táim ag dul rómham ar mo scéal: ag innsint rudaidhe roim n-a gceart dréir úird eachtra. Lé ceart bheadh an chainnt seo ag dul roimhe sin: bheadh tosach aice uirthi. Ná bí ag dul rómham ar gach aon nidh a thagas as mo bhéal: ag teacht treasna orm. Ag dul sa diabhal atá sé gach aon lá riamh: ag imtheacht chun an donais. Dubhairt sé liom dul ag feadghail dom féin: ná raibh aon tsásamh agam lé fagháil: ná feadfainn faic do dhéanamh ná beadh brigh im bheart. Is oth liom é ach is ag dul lé fánaidh atá sé: ag imtheacht chun an donais. Aon tsúil níl go dtéarnóchaidh sé, tá sé ag dul chun deiridh: olcas ag teacht air. Dá dhéine is dá ghéire atáim orm féin níl aon dul chun cinn dhá dhéanamh agam: aon fheabhasughadh ar mo stáid. Dréir mar bhítheas d'iarraidh é do chiúnughadh is ag dul ar buile bhí sé: ag éirghe chun feirge. "Ag dul i bhfeabhas siar sibh (iad etc.)", deirtear nuair bhíonn breis is breis den saghas céadna nó den aiste chéadna ag teacht. Ní haon mhaith don mbochtán do bheith ag dul ar libhéal leis an nduine saidhbhir: bheith ag déanamh aithrise air nó ag déanamh comórtais leis. Caithfead éirghe as, tá an scéal ag dul sa mhuileann (eagar) orm: tá scamall ag teacht air: ní soiléir dom feasta cad is ceart dom do rádh. Bheadh dul amudha mór ort dá ndéarfá aon rud léi i gcoinnibh a fhir, níor mhaith léi in ao'chor é: dearmhad: bheifeá bun os cionn. An bhfuil aon dul agam ar an airgead úd atá agam ort d'fhagháil uait choidhche?: an féidir in ao'chor é? Réal cead dulta isteach ar an rinnce: chun gabhála isteach. Ní hionann dul go tigh an ríogh is teacht as: is fusa thaidhbhsigheann go mór imtheacht ar ghnóth 'ná é do dhéanamh agus filleadh. Ó chonnac me féin teanntuighthe ar gach taobh is gan aon chao ar éalódh agam ní raibh aon dul suas agam ach troid: ní raibh aon rogha agam ach san. Ní hamhlaidh raghfá siar ar t'fhocal thar éis a bhfuil geallta agat?: go raghfá ina chois: go séanfá é: ná cóimhlíonfá é. Ceannuigh chómh luath agus fhéadfair, tá an luach ag dul suas: ag éirghe. Táim ag dul isteach ar an mbeart san, ach ní dócha go bhfuil aon dul agam uirthi, mar níl an léighe liom: ghá lorg. Dubhart leis dul sa diabhal is a dhícheall do dhéanamh, ná raibh tor madra agam air: ná cuirfeadh sé aon mhairg orm an rud budh mheasa dob fhéidir leis do dhéanamh. Riamh ó shoin tá an chainnt a chaith sé liom ag dul tríom: riamh níor chuala aon rud budh ghoirgighe 'ná í: ag goilleamhaint orm. Dún an

doras san, tá an ghaoth ag dul tríom: ag gabháil tríom bhallaibh is ag cur fuachta orm. Nách mór an náire dhó bheith ag dul trí n-a chuid airgid, ghá chaitheamh ar scraistidhibh: ghá scaipeadh gan chiall, gan riaghail. Níor bh'aon díoghbháil dul tríd an síol: é do scrúdughadh d'fhéachaint cad tá maith agus olc air. Ná bí ag cur a thuilleadh ceisteanna orm anois, mar ná leigfead-sa dhuit dul tríom isteach: fios m'aigne d'fhagháil. Na bróga so ró-bheag dom, táid ag dul tríom isteach: braithim ag fáscadh go ró-mhór orm iad. "An bhfuil san ag dul tríot?" d'fhiafruigh an láimhliagh den othar nuair sháidh sé an lannsa ann: an mbraithir ghod ghortughadh é? Bhaileófá mórán cúnntaisidhe ag dul tríd an dtír: ghá taisteal. Saghas éigin iomaird air go bhfuil gach aon rud ag dul tríd: níl aon stad n-a chliabhlach ag an rud d'ólann nó d'itheann. Ní mór do dhuine bheith aireach ag dul tríd an saoghal do: an bheatha chaitheann sé agus a iomchar lé cách. Deirtear ná fuil aon dul thar a breághthacht: ná faighfí bean eile is áilne 'ná í. Níl aon dul tharais sin agat dá gcuirtheá do thón ar an dteine: céim eile ar aghaidh ní féidir leat. Cad é an dul trí chéile atá air seo seachas mar fhágas é: achrann: neamhréidhteach. Dem aindeóin tá na tuicéadaidhe ag dul trí chéile orm: ag meascadh ar shlighe chuireann mearbhall orm. Ar mh'anam go bhfuilim ag dul thar n-a chéile lé laige ocrais, faigh rud éigin lé n-itheadh dhom: grogaidhe ag teacht ionam: gan mo shiubhal ná mo rian i gceart agam. Me ag dul thar n-a chéile lé haois: gan an seasamh ná an t-imtheacht fúm a bheadh ag fear ina neart cheart. Ag dul thar n-a chéile ag siubhal an bhóthair: céim thall is céim abhfus. Thána ar trí chasánaibh i gcrioslach na coille a bhí ag dul thar n-a chéile: ag gabháil treasna ar a chéile. Bíonn sé d'iarraidh dul tharm dá bhfhéadfadh sé é: buadhachtaint orm: dul chun tosaigh. Éist anois, táir ag dul thar cailc, is maith is eól duit ná fuil an ceart ar do thaobh: ná fuil aon chuimse leat. Is breágh rud tamall ar aon nidh ach gan dul thar meón: cosc nó teóra do bheith lé gníomh. Beir fada, bog air, táir ag dul thar do riocht: ag cur oiread rómhat is ná fuilir i ndán gabháil leis. Gan dul thart féin, tá daoine i bhfad níos fearr 'ná é: gan bac ná brath ar neach eile. Fógradh do gan é do dhul thar a bhéal, bhí a rian air ní cualthas drundam ina thaobh as san amach: gan é do luadh lé neach. B'fhearr gan an chainnt seo do dhul tharais seo, ní fios cá scaipfeadh sí: gan í d'aistriughadh: í d'aithris. Aicíd atá ag dul thart ná baineann dochtúiridhe aon tátall as a cómharthaidhibh: atá ag gluaiseacht ameasc na ndaoine. Ag dul thar brághaid dom glaodhadh isteach orm: is me ag gluaiseacht thar an dtigh. Ag dul tharm amach do ina ghluaisteán chuaidh sé ró-dhian ar ghruadh an bhóthair is iompuigheadh é: ag gluaiseacht chun tosaigh. Má táim ag dul thar m'eólas b'fhearr dhom stad is dócha: ag déanamh nó ag rádh rud ná tuigim. Creid me leis go bhfuil sé ag dul thar mo chumas an méid seo do thabhairt ach mar sin féin cuirfead me féin as duit: ag déanamh ruda gur ar éigean atá gustal nó neart agam air. Tá neart an airm seo ag dul thar dhóigh na ndaoine ar fad: dá láidre cheapadar é do bheith is láidre 'ná san é. B'olc an rud do dheinis leigeant dod mhuinghín as dul thar do dhóchas: gur cheapais go ndéanfadh sé níos fearr 'ná mar bhí súil agat. Is mór go léir an t-éadach atá ag dul umat: nách mór duit chun culaith do dhéanamh duit. Téada ag dul thar an dtigh chun é do choimeád ón ngaoth: dá dhruim: treas. Cad tá ag dul thar bholg an chapaill?: mar teara-ghad: fáisceán. Is iomdha pingin ag dul thar cómhaireamh aige: an oiread san aige nách féidir leis a chómháireamh. Is baoghalach nách féidir faic do dhéanamh do anois go bhfuil sé dulta thar fóir: an fhaid sin nách féidir a shaoradh. Tá sé ag dul abhaile go mall: ag fagháil bháis. An bhfuil aon aoirde ag dul air?: é ag méadughadh. Má bhíonn ag dul as duit tair chugham-sa is tabharfad cóngamh duit: má bhíonn giorradh ag dul ar pé nidh atá ar bun agat. Budh mhór an dul amach an t-eiteallán: an cuimhneamh é do

dhéanamh. Aon rud ní fhéadfainn d'innsint i dtaobh na háite níl aon dul amach agam air: cúnntas: eólas. An rud dob fhearr dhuit-se a dhéanamh anois gan faic eile do rádh, tá dulta amach agam-sa ort: fios agam ar do gheámaidhibh. Níl aon fhaid lé dul i bpúnt anois go bhfuil go haonnidh chómh daor: buancas: ní sheasuigheann sé i bhfad.

teilgean: *f.1.* caitheamh, fuascailt, úirleacan, sileadh; teacht aniar, buancas, breis; tabhairt, faid lé dul; bainistighe. Ag teilgean ar ith sé nuair tháinig an bhreóidhteacht fharraige air: ag úirleacan. An bheirt bháirseach ag teilgean mallacht ar a chéile, gur dhóigh leat go n-osclóchadh an talamh fé n-a gcois: ag rúideadh. Ag teilgean a ghéag san aer mar bheadh fear buile: ghá gcaitheamh. Thug sé an oidhche ar fad ag teilgean bháistighe: ag déanamh: í ag teacht ina duartan. Ní fhéachfadh sé air ach an oiread is bhlaisfeadh sé teilgean madra: úirleacan. Tá teilgean cainnte aige má bhí ag éinne riamh: flúirse is líomhthacht. Ní féidir cruidhte do choimeád fén each so ní haon nath aige iad do theilgean mar cuirtear fé iad: do chailleamhaint. Nuair bhíonn braon caithte aige bíonn sé ag teilgean airgid mar bheadh bodach saidhbhir: ghá chaitheamh is ghá scaipeadh. Sa tsaoghal atá anois ann ní mór an teilgean atá i bpúnt, is a dhaoire atá gach aonnidh: faid lé dul. Dá mbeadh aon teilgean cóir ionat is fada dhéanfadh céad púnt thu: dá mbeadh cnuaisciún ionat: bainistighe chun áise mar budh cheart do bhaint as. Is mór an teilgean ged phóca é seasamh chómh fada ar a bhfuil caithte agat: an buancas. Is fada an teilgean an t-ualach cloiche sin do chur fiche troigh ó bhaile: an caitheamh. Beir air, féach, níl aon teilgean ann: dus, scabhárd, neart. Sin a bhfaghair anois agus bain teilgean as: bain siar as: cuir chun faid slighe é. Níl aon teilgean san éadach san, cuimil idir do mhéireannaibh é: deagh-mhianach. Dhéanfadh san aon rud a cuirfí air, tá an teilgean cinn aige: cómhacht incheann. Nách dóigh leat ná go bhfuil siad ag teilgean chun gluaiste: tiargabháil: ag ullamhughadh. Na bleaigeárdaidhthe ag teilgean chloch leis an mbacach bocht: ag rúideadh leis: ar a ndícheall ag caitheamh. An charraig chruaidh ag teilgean na mara uaithi ina tulcaidhibh áidhbhéile chuirfeadh sé sceón id chroidhe. Gan an daradha do theilgean leis an mbradán go heólgaiseach do bhrisfeadh sé é: do ghéilleadh dréir a chéile. Sin teilgean maith, chuireas do bhaoite go gleóidhte ar an uisce: caitheamh. Dá mbeadh an ceann dá theilgean de níor mhór an dochar é: dhá theascadh. Is é slighe cuirtear chun báis sa bhFrainnc duine an ceann do theilgean díobh: do ghearradh. Dá bhfaightheá bás ar maidin ní mór an teilgean deór do dhéanfadh do bhean id dhiaidh: sileadh. A shrón 'sa bhéal ag teilgean fola: í ag teacht go fuidheach. Ní thuigeann duine againn teilgean do scéil: amus: aidhm. Tabhair dom teilgean beag in aonfheacht lém cheart: ádhbhairín mar thuilleadh: breis is an tómhas. An oiread san buile air go raibh sé ag teilgean a chuid éadaigh de: ghá gcaitheamh lé fuinneamh. Níl a mháighistir annso chun áidhbheirseóiridhe do theilgean: do chaitheamh: do chur as.

teilgim: *b.a. & n-a.* caithim, rúidim, stiallaim, fuasclaim, tugaim, scaoilim, leigim, úirleacaim, cúmaim i múnla. Teilgeadh fé lár me nuair chumhanguigh an sluagh orm: caitheadh: treascradh. Theilg sé uaidh an leabhar treasna an úrláir lé strán buile: rúid: chaith go borb. Teilgeadh i gcarcar an chuid eile dá shaoghal é gan tásc ná tuairisc ag neach muinnteardha ná gaolmhar do: caitheadh gan truagh. Ar theilg sé de mhionnaibh móra i mullach an chinn ar ar dhein a dhochar chuirfidís an ruibe ina sheasamh ort: ar scaoil sé ortha ina thuile. Teilg an daradha leis an mbreac, tá sé ró-throm don bhfearas: scaoil chuige é nuair bhíonn sé dásachtach. Mar bhí rath ó Dhia air, níl aon áit go

dteilgeadh sé a líon ná go mbeireadh ar iasc: go gcuireadh in uisce é. Daoine go mbíonn breith bháis ortha sa tír úd is amhlaidh teilgtear an ceann díobh: teasctar: baintear díobh lé faobhar. Do theilg sé mo hata fén úrlár lé droichmheas orm: caith uaidh go mí-mheastamhail mar dhéanfadh lé rud gan tairbhe. Teilgeóchad dísle leat air: imreóchad ar chaitheamh an dísle leat é. Ná bíodh aon eagla ort go dteilgfead aon deóra trí bhrón id thaobh: go silfead. Do theilg an láir nuair rug an strus uirthe a raibh de chruidhtibh fúithi: do stiall is do chaith "Cheithre muca fireanna, bána/ ag féachaint siar ar thalamh Uí Dhálaigh/ shloigfidís a dtiocfaidh sa dtáinig/ is ní theilgfeadh oiread an cháithne" – roilig: ní thabharfadh faic uaithi. Theilg sé a chuid éadaigh go luath, mear is léim isteach 'on fharraige chun an leinbh do shaoradh: go fuinneamhail, pras chaith de a bhalcaisidhe. Mar theilgfeadh sé cnámh chun madra gorta fuaireas rud lé n-itheadh uaidh: mar chaithfeadh go tarcuisneamhail. Deir an páipéar maidean is tráthnóna go dteilgeann an namhaid tuilleadh is tuilleadh fear in ionnsaidhe na cathrach: go sáthaid. Teilgeadh mór-chuid fola ar son na dúthaighe: doirteadh go flúirseach. "Agus gidh b'é nách leigfe é féin síos agus adhradh teilgfighear an uair sin féin a lár fhuairnéise lasamhla" (Dan. III. 6): caithfear: rúidfear go borb. "Agus teilgfe tu cheithre fháinne óir dhó, agus cuirfe tu iona cheithre corraibh iad, agus beidh dhá fháinne a dtaobh dhe, agus dhá fháinne san taobh eile" (Ecs. XXV. 12): leigfir i múnla. "An fhichid bliadhan so atáim ag fóghnamh duit, níor theilgeadar do chaoirigh a n-uain, ná do ghabhair baineanna a mionnáin, agus ní duaigh me reithe do thréada" (Gen. XXXI. 38): ní raibh marbh-uain aca. "Ní theilgfidh éinní a n-óga, ní mó bheid searc ann t'fhearann; uimhir do laethe cóimhlíonfa mé" (Ecs. XXIII. 26): ní bheidh mairiach ag aon díobh. "...agus do theilgeadar [na seanóiridhe] a gcorónacha i bhfiadhnaise na cathaoire ag rádh..." (Tais. IV. 10): do scaoileadar uatha go fonnmhar. "Teilgfidh mo Dhia seachad iad, de bhrigh nár éisteadar ris; agus beid na seachránachaibh ameasc na gcineadhach" (Hos. IX. 17): ruaigfidh sé uaidh iad. "Uime sin ná teilgidh uaibh bhur muinghín admhálach, ag a bhfuil mórluach saothair" (Eabhraigh X. 35): ná tréigidh. "Agus do threóruigh sé é go hIarusaléim agus do shuidhidh sé é ar bheinn an teampaill, agus a dubhairt ris, 'más tú Mac Dé, teilg tú féin síos as so'" (Lúcás IV. 9): caith thu féin lé fómaidh. "Éirigh ó, a Thighearna, toirmisc é, teilg síos é; fuascail m'anam ó na chionntachaibh, red chloidheamh" (Sailm XVII. 13): úirísligh é. "Teilg uait amach tinnteach, agus spréidh iad; cuir uait amach do shaighde, agus claoidh iad" (Sailm CXLIV. 6): caith lé neart.

teilgthe: *a.r.* caithte, rúidte, suaidhte, creachta, silte, préachta, feóidhte, stiallta, fuascaltha. Abair leis go bhfuil crudh teilgthe ag an láir bhán: stiallta: caillte: go raibh leanbh toghartha ag an mnaoi go raibh éileamh aige uirthi. Dath an éadaigh teilgthe ar chuma ná haithneóchadh neach cad é an chéad lá. Is uathbhásach an cogadh é nách fada go mbíonn deireadh urchar teilgthe aca: an ceann déidheannach caithte. Beidh an domhan uile teilgthe i mbroid lé cáin is fiachaibh thar éis an chogaidh seo: curtha go trom fé. Sáidh chun na teineadh táir teilgthe leis an bhfuacht: préachta: leathta. Luid dar cheap Dia ní raibh air ná go raibh teilgthe aige dhe féin agus é ar báine chun é féin d'ídeach: caithte: raidte. Is fada na sean-bhalcaisidhe sin teilgthe aige lé droichmheas ortha, budh bheag air iad do chaitheamh: caithte uaidh i leathtaoibh. Cad atá ag cur ort, tá cuma an-theilgthe indiu ort?: suaidhte, trí chéile. Tá an príosúnach teilgthe chun báis: daortha.

teilgtheach: *a.* cnuaisciúnach, críochnamhail, rúidteach. Ar a bhfuil tuillte riamh aige dá mbeadh sé teilgtheach mar bheadh duine eile budh dheas an phingin do bheadh i dtaisce anois aige: cnuaisciúnach. Fuair an duine bocht caitheamh teilgtheach ó mhullach an chlaidhe aoird: tuiteam go raibh fuinneamh is obainne ag baint leis. Ná bí chómh teilgtheach air mar airgead, fágann gach éinne ina dhiaidh é: chómh greamuightheach, sprionnlaithe ina thaobh. Duine teilgtheach, tairringeach atá ann cé gur dhóigh leat go mbeadh sé an-chaithteach: aireach.

teilgtheóir: *f.3.* sclábhaidhe; duine a chaitheas, a leigeas i múnla. Ní maoidhte ar an dteilgtheóir a chuid de chré na talmhan: an té a bhíos do shíor ag gabháil di: sclábhaidhe feirmeóra. Teilgtheóir maith seadh thu, chuiris do bhaoite tamall maith ó bhaile: caithteóir. I gcathaibh na huaire bíonn teilgtheóiridhe teineadh aca ag milleadh a chéile: fearaistidhe chun lasrach do chaitheamh ar a chéile. Tá an dealbh ag an dteilgtheóir anois lé n-a leigeant: múnlóir: duine a chúmas is a cheapas rudaidhe i múnla. Teilgtheóir clog: a leigeas iad. Teilgtheóiridhe iarainn: ceárdaidhthe a chumas lé múnlaidhibh nidhthe as iarann leachta.

teimheal: *f.1.* can, salachar, ball, rian, cómhartha, smáilc, doircheacht, scamall. Is í a thóg a clann go glan slachtmhar, is ortha ná raibh aon teimheal: aon tsalachar. A mhaighdean gan teimheal: gan peaca ná a rian ort. Tá teimheal mí ar a léine. Rínseáil an cupa san, ná fág aon teimheal air: can: rian salachair. An fharraige mhór ní ghlanfadh a bhfuil de theimheal air: an salachar ceangailte isteach ann. Sid é, deimhnightheach, teimheal an bháis air: scamall an bháis ós a chionn. Faigh sean-liobar, galbhanach is uisce bog is bain an teimheal des na fuinneógaibh: an smúit is an salachar atá ceangailte isteach ionta. Gnóth maith, slachtmhar gan teimheal déanta agat: gan rian id dhiaidh. Duine lé Dia seadh thu, níl aon teimheal ar t'anam: smáilc: smál: smól. Ní nár duit do cheann do thógaint, níl aon teimheal ar do chlú: ainnimh: rud ar bith gur féidir do chur it choinnibh. An chistinn gan teimheal aice: go glan, slachtmhar, gléasmhar. D'fhág a mhac-ghníomhartha teimheal air nách féidir do ghlanadh: toibhéim: smál: rian ar a chlú. Raghadh sé isteach in éadach glan leapan le cosaibh teimhil mar iad san: go mbíonn can ceangailte ionta. Cad é an teimheal atá orm-sa ná geóbhfaí liom: locht: smáilc. Níl aon teimheal ar mo mhuinntir-se ach an oiread le muinntir éinne eile: aon rud ar a gclú ná ar a gcáil. É gabhtha gan teimheal ar a chuid éadaigh: oiread agus ball. Níor fhág an dlighe aon teimheal air: tháinig sé amach saor gan oiread is amhras. Lá go raibh teimheal sa spéir, ná feicfeá i bhfad ó bhaile: smúit. Cuireadh teimheal ar na fallaidhibh: dath iasachta chun malairt crota do thabhairt ortha. Teimheal ag snámh ar a chroiceann: mion-mhíola.

teimhealuighim: *b.a. & n-a.* doircighim, sailighim, smearaim, murtalluighim, coirtighim. Teimhealóchair do chuid éadaigh leis an ngaiste nuadh-chuimilthe sin má theangmhuighir léi: saileóchair: cuirfir baill air: smearfair. Ní theimhealóchainn mo ghéaga leat: ní smearfainn: budh lag liom dul chun troda leat. Teimhealóchaidh an trathnóna anocht, tá brúin ag teacht ar íoghair na spéire thiar: doircheóchaidh: smearfaidh: tiocfaidh scamaill uirthi. Ní theimhealóchaidh sé do chlú, eisean do chur rud id leith: ní mhurtallóchaidh; ní chuirfidh aon smáilc uirthi gur gábhadh dhuit náire do bheith ina thaobh. Teimealóchaidh na háraistidhe sin muna dtugtar ruathar glanta ortha ó am go ham: tiocfaidh smúit, can nó salachar ortha. Theimhealuigh na fallaidhe cheal aoil

do chur fútha: dhoirchigheadar go mór: d'imthigh an ghile. An peaca theimhealuigheann an t-anam.

teimhealughadh: *f.* (*-uighthe*) doirchiughadh, smearadh, sailiughadh, do ghabháil (chur) smúite, smáilce, can ar; truailliughadh, coirtiughadh. Tá fonn teimhealuighthe ar an oidhche, féach na scamaill go léir ag bailiughadh: sailiughadh: doirchiughadh: smearadh. Maran miste leat bheith ag teimhealughadh t'ainme trí chómhluadar míochlúid: sailiughadh: do thruailliughadh. Ní mór na laimhne seo do ghlanadh, táid ag teimhealughadh: can nó salachar ag greamughadh dhíobh. Aon bhaint ní bheadh agam lé cladhaire mar thu, ní bheinn ghom theimhealughadh féin leat: ghom smearadh: ag tabhairt droch-cháile dhom féin leat. Tagann teimhealughadh ar an dtaobh istigh den chupa ag té láidir: cuireann sé can air. Tá an dath ag teimhealughadh agus is mithid do é, is é bhíodh go gluardha, ach níl anois mar sin: ag feódhadh. Ní deacair stócaidhe bána do theimhealughadh: is beag an rud a fhágas rian ar chlú mór. An t-airgead ag teimhealughadh ina phóca!: can ag teacht air lé greim air. Dhe mhaise, an naomh bocht ní mór an teimhealughadh ar a anam an méid peacaidhe atá déanta aige: truailliughadh: neamhghlaine.

teimhealuighthe: *a.r.* truaillighthe, doirchighthe, smeartha, sailighthe, murtalluighthe. Cuirtear an t-éadach cnis teimhealuighthe seo chun an nigheacháin: sailighthe: go bhfuil salachar bailighthe air. Léan ort, go maithidh Dia dhom é, ná bí-se ag cainnt go bhfuil do chroidhe teimhealuighthe chómh dubh lé gual: smáilc throm na bpeacaidhe ort. Níl aon bhaoghal ná go bhfuil an tsean-phíp teimhealuighthe go maith: coirtighthe: an dath bunaidh doircighthe ag can nó salachar. Ní chuirfeadh úird mhuilinn an iarainn isteach 'on tsiopa san é, tá sé teimhealuighthe ann: sailighthe: fiacha air ann. Ní fheadar cad thiocfaidh as an spéir sin thiar ort, tá sí teimhealuighthe go maith: smeartha: scamaill is báisteach bailighthe innte. M'anam bocht teimhealuighthe, Dia go ndíonaidh é an lá déidheannach: go bhfuil peacaidhe air.

teimhealuightheach: *a.* sailightheach, smearthach, murtalluightheach, doirchightheach. Ná teangmhuigh leis an ngaiste sin, rud ró-theimhealuightheach seadh í, ní bhainfeadh aonnidh amach í: a fhágfadh baill shalacha ina diaidh. Tóg do lámha teimhealuightheacha dhe seo!: lámha a smearfadh aon rud. Táir teimhealuightheach, ní bheadh aon bhaint agam leat: sailightheach: dhéanfá dochar éinne go mbeadh teangmháil aige leat. Peacaidhe troma, teimhealuightheacha atá ghom bhrughadh is ghom mhilleadh: truaillightheacha: a dheineas díth dom anam: a iarras cúiteamh mór.

teimhealuightheacht: *b.3.* sailightheacht, truaillightheacht, smearthacht, coirtightheacht, doircheacht. Ní ólfadh neach as an árus so ge n-a theimhealuightheacht: an oiread san can air. Bheadh náire orm an bóna san do chaitheamh lé n-a theimhealuightheacht: smearthacht: salachar atá air. Do bhéal d'oscailt ní fhéadfair-se ach go háirighthe léd theimhealuightheacht: gan do cháil do bheith ar feabhas. Glanfaidh aithrighe is carthannacht anam dá theimhealuightheacht: dá dhuibhe ag an bpeaca.

teine: *b.4.* ceann de cheithre dhúlaibh na cruinne; an bunadhas a bhíos i ndóighteán a gheineas teas is lasair; toiteán; adhbhar beag guail, móna, adhmaid etc., ar lasadh nó ina

bhrúid chun teasa, chun ruda do théidheamh, do bhruith nó do bheirbhiughadh; anamamhlacht, motháilt láidir, spionnadh, díoghrais; silleadh seasamhach, géar, tollta súl; caitheamh urchar; rúscadh airm teineadh. Teine mhóna, ghuail, adhmaid, bhrosna: adhbhar d'aon adhbhar díobh so ar lasadh nó ina bhrúid. Ag dul ón losad go dtín dteine dhom é: ó chruadhchás go cruadhchás: ag dul in ionad nó ar aiste níos measa. Cuireadh idir dhá theine Lae Bealtaine me - fanacht im thost, admháilt na cora, labhairt is an fhírinne d'innsint, scéidheachtaint ar mo charaid dob eadh é: in adhairc ghabhair: i ndraip cheart. An bhfuil leigheas ar an dteine dhiadh (teine fhiadh) agat?: galar dian angaidh cneasa is é ina spóla dhearg. An capall ag gluaiseacht chómh fiadhain sin go raibh teine chreasa dhá bhaint as an mbóthar aige: spréacha ag imtheacht ó n-a chrúbaibh lé fuinneamh a dteangmhála leis na clochaibh. B'iongtach, diamhair an radharc dom óg-shúilibh an teine ghealáin d'fheicsint ó bharr na faille ar na líontaibh lé tuitimín na hoidhche: méirneáil: bairrghís. Scannruigh an saighneán teineadh me, bhí sé chómh tréan san go bhfeictheá an frighe do bhaint leis: splanncacha. Ar chladach na teineadh chaitheann sé a shaoghal: cois teineadh: ina liaghairne gan í d'fhágaint. Cuireadh síos réidhleán teineadh a róstfadh mart: teine mhór, ghroidhe is teas an domhain aice. Sin bladhmsach theineadh gurb aoibhneas suidhe ina haice: lasmhar, sheascair. Bainfidh súd teine chreasa as na mailidhibh agat: tabharfaidh sé bualadh dhuit. Sin teine chroidhdhearg leó: greadadh dhá fhagháil aca gurb é a ndícheall a fhulang. Raghaidh an teine as: múchfaidh sí. Chuaidh an teine in éag, is ní raibh aon rud againn do lasfadh airís: fuair sí bás. Nuair cuirtear teine leis an gcloich pléascann sí: ní fhéadann an duine ach an áirighthe sin d'fhulang dá fheabhas é. Chonnaic sé an teine sidhe oidhche cheódhmharánach: solas gealáin a éirigheas os chionn riasc is bogach. Chaithfeadh sí an teine dhearg orm dá bhfaigheadh sí in aon ghiorracht di me: dhóghfadh sí lé gráin me. Ní fuláir nó tá breóidhteacht air, tá a chneas chómh te lé teine: chómh te agus b'fhéidir d'fhulang. Lá móna teine bhliadhna: bainfí lé meithil in aon ló an oiread is dhéanfadh teine agus teas do thigh i rith na bliadhna. Grianán tighe teine nó leanbh maith: subháilceas. Ar an dteine: ag beirbhiughadh, bruith nó ag bácáil. Chuirfinn mo lámh 'on teine dho: d'fhuilngeóchainn me féin do dhóghadh ar a shon. Chaithfeadh sé an teine orm: tá an ghráin mhairbh aige orm. Cuirfead-sa teine dhearg leis (fé n-a thóin) ag imtheacht do, ghá dhéanamh, etc.: teann deabhaidh, piobar air. Mara bhfuil teine agat féin déin do ghoradh lé gréin!: mara mbíonn rud agat féin téighir ag feadghail, ná bí ag brath ar éinne eile. "Do chuaidh deatach suas tré na shróin phuill agus teine 'na bhéal ag cnaoi; do las gual uadha" (Sailm XVIII. 8): mar seo bhí fearg Dé. "Nách bhfuil mo bhriathra-sa cosamhail lé teine? a deir an Tighearna, agus cosamhail lé hórd bhriseas an charraig na blodhaibh" (Ier. XXIII. 29): go ngoillid ar an nduine ar nós na teineadh. "An áit i mbíonn deatach bíonn teine/ an áit i mbíonn teine bíonn teas/ an áit i mbíonn teas bíonn mná/ an áit i mbíonn mná bíonn geab": gan mianach éigin a dhóighfeadh ní bheadh deatach. Dá gcuireadh sé a thón ar an dteine, ní bhfaigheadh sé é: is cuma cad dhéanfadh sé d'iarraidh a fhaghála. Is olc an máighistir an teine ach is maith an seirbhíseach í: is sochrach, áiseamhail í faid coimeádtar fé smacht í. Cuir teine ar do phíp: dearg í: las í: tabhair teine don dtobac. Nuair bheidh tigh do chómhursan tré theine tabhair aire dod thigh féin: ná tuig go mbír saor in ao'chor ó iomardaibh dhaoine eile. Cuirfidh sé an abha trí theine!: déanfaidh sé rud éigin suaithinseach. Dóghfair thu féin leis an dteine: táir ag teangmháil le rud éigin árd-chonntabharthach. Scaip an teine go pras ar fuaid an tighe: tóiteán. Aduigh teine cois chlaidhe annsan: brosna do shocrughadh i gcóir a lasta. Tá olc an

diabhail air, tá teine ina shúil: an radharc go hárd, géar ann. Ar feadh an lae bhí mo dhiorma fé theine: bhítheas ag caitheamh urchar lé harmaibh teineadh leó. Bhíos idir dhá theine, ceisteanna ag teacht ón dá thaobh orm: me dom ionnsaidhe ón dá thaobh. Is ag dul ón ngríosachán go dtín dteine dhom é, iad san d'fhágaint is teacht nbhur measc-sa: ó thigh an diabhail: ó ionad olc go hionad is measa: ós na sméaróididhibh dearga i dtóiteán dá ríribh. Teine Chille Moicheallóg a bhíonn aca – fód is leathfód: ceann sprionnlaithe. Siubhal? bhí sé ag gluaiseacht sa caor-theintibh!: ní fhéadfadh cosanáirde níos déine. "Connus tá sé?" – "mar bheadh caor theineadh": splannc tóirnighe. Ghluais sé chughainn mar bheadh caor theineadh: liathróid ar lasadh is siubhal nimhe fúithi. Caor theineadh ort!: go ndóighidh teine id luaithreán thu. Bhuaidhis é, ach is as an dteine do thairringís é: is lé cruadhtan, conntabhairt, etc., d'éirigh leat. Leigtear do féin, tá an duine imthighthe ina chaor theineadh: ar buile is ar báinighe. Cothughadh do choimeád ar an dteine: breis connaidh do chur uirthi. An chun teine an leabhar so?: an fiú faic eile é ach é do dhóghadh. Níl aon teine fén gcorcán san: an oiread agus chuirfeadh ag beirbhiughadh é. "Cuir 'on teine é": lé rud nách fiú faic é nó gur b'é a dhóghadh is córa. Tigh gan teine gan teas atá aca: gan puinn clóidh ortha. Níor mhúch an teine fós ann: an spirid: an anamamhlacht. Níl ann ach ceirt pháipéir, tabhair an teine dho: dóigh é: caith 'on teine é. Adhmad an t-adhbhar teineadh bhíonn againn. Raghadh sé trí theine chun toitínidhe, an t-ógánach san: dhéanfadh aon rud d'fhonn iad do bheith aige. Ar mheath-theine is fearr do bheirbheóchadh sé: teine ná beadh ró-the. Teinte ifrinn ní scannróchadh é: tá sé an-mheisneamhail. Lucht múchta teineadh: foireann ceapuighthe lé haghaidh tóiteáin. Tabhair gal den dteine dhuit féin: téidh do chorp. Sí teine na gcos bhfuar i gceart atá agaibh: teine ná téidheamhóchadh in ao'chor duine. Teine na sop, sin í an saghas teineadh a bhíonn agaibh-se: ná bíonn buan. Dá mbeadh an tigh trí theine (an teine sa tigh) ní chorróchadh sé: é ina leadaidhe leisceamhail. Cuir síos teine: aduigh. "Ag adhaint teine ar loch/ ag caitheamh cloch i mbéal chuain/ comhairle do thabhairt do mhnaoi bhuirb/ nó buille de ruibe ar iarann fhuar": is ionann iad agus is fuar. "An té d'adhain an teine go deimhin déanfaidh sé aisíoc" (Ecs. XXII. 6): spioraid Dé. Tabhair gan den dteine don éadach tais sin sara gcuirir ort é: cuir fe bhrághaid an teasa é go n-imthigheadh an taisireacht. "Agus leaghfuighear na sléibhte faoi agus sgoiltfighear na gleannta, amhail céir os choinne teineadh, agus amhail na huisgeadha doirtear síos lé fánaidh" (Michah I. 4). Leath bídh teine mhaith: tugann sí an oiread seascaireachta don gcorp go ndéanfadh duine ar a luighead bídh seachas an fuacht do bheith ag goilleamhaint air. Deineadh teine orainn ón mín-tír, cómhartha san go raibh rud éigin i dtreis: lasadh. Teine rabhachain. Ní raibh aon chall agat lé n-a dhéanamh, ní raibh aon teine leat: ní rabhthas ghod bhrostughadh ná ag cur éigin ort. "Is teó aon phuth amháin den ngaoith andeas 'ná teinte ceap an domhain": níl aon ghaoth is fearr don nduine 'ná í. Feirmeóireacht, iascaireacht, siopadóireacht ar siubhal aige, ní fheicim aon fhear go mbíonn an dá iarann déag sa teine aige mar é: mórán gnóth fé sheól aige ar an am gcéadna.

teiníl: *b.5.* (*-íolach*) sorn mhór chun aoil do dhóghadh innte. Páirc na teiníolach.

teinn: *a.* (**tinn**) íogair, leóchaileach lé teangmháil; brónach, dochrach, goirtightheach; dian, deacrach. Tá gach aon phioc díom indiu chómh teinn lé neascóid: ard-theinn: chómh leóchaileach san is ná fuilngeóchainn teangmháil liom. Fágfaidh na cúrsaidhe seo ceann teinn agat mara scuirir dhíobh: beir thíos leó: déanfaid do dhíobháil. D'imthigh sí

uaidh, d'fhág sí croidhe teinn aige: d'fhág go brónach é trí ghrádh di. Cloisim go bhfuil an lá dá fhagháil ar mo namhaid is ní teinn liom san: ní chuireann aon mhairg orm. Céaca is teinne leat mise nó ise?: céaca is mó a luigheas ar do chroidhe: is measa leat: is mó a chuireas mairg ort. Is é atá mar sin – teinn breóidhte: an-bhreóidhte ar fad. Má chuirir cruisteach ar mo mhadra is teinn duit: íocfair as. Budh theinn an lá dhi an lá phós sí é, lá ratha ní raibh ó shoin aice: dochrach: brónach. Níl aon phian im chois ach tá sí teinn: leóchaileach: ar theangmháil léi ghoirteóchadh sé í. Chuaidh an dlighe go teinn air, cuireadh deich mbliadhna príosúin air: go han-dian. Ní hiongadh mo chroidhe do bheith teinn agat: céasta buadhartha. Tá cos theinn aice: bunóc saoghaluighthe. Deineann an saghas cainnte atá aige teinn de me: bím teinn di – cuireann sí bréantas orm. Fuair sí buillidhe teinne: ghoill go cruaidh air. Buille neamh-theinn é siúd, ní mór gur mhothuigheas é: neamhghoirtightheach. Is maith an rud go dtáinig sé, bheadh sise teinn gan é: ní bhraithfeadh sí go maith. Bheadh sé teinn mara leigfí ann é, tá sé ar nós an leinbh: neamhshásta. Tháinig rudaidhe teinne air a chuaidh ó chneasughadh: baill chneasbhriste, diachrach, othracha, gearbacha de dheascaibh galair nó goirtighthe. Ní raghadh sé ann, tá "cosa teinne" aige: níl aon fhonn air trí fhaitchíos, etc. "Súile teinne go dtugaidh sé dhuit maran b'ort atá an fhairghis", lé duine a bhíos ag stealla-fhéachaint. "Scórnach theinn go dtagaidh aige, maran aige atá an scórnghail bhrághadh", lé duine go mbíonn iomad cainnte aige. "Suidh" – "ní fhéadfadh é, tá tón teinne aige", lé duine ná beadh fáilte roimis.

teinne: *b.4.* déine, fóirlíontacht, cruaidheacht, doichte, calcuightheacht, dúire, doi-ghéillteacht, crapaitheacht, righneacht, stalcuightheacht, stanncuightheacht, tamhandaidheacht, searthacht. Puth eile níor bh'fhéidir do chur san lamhnán lé n-a theinne: fóirlíontacht: toisc an oiread san do bheith ann cheana. Géag liom ní fhéadfainn do chorruighe le n-a dteinne: crapuightheacht, do-lúbthacht, neamh-éascaidheacht corruighthe. An fear is fearr dá rug riamh ar mhaide rámha ní fhéadfadh sé iad do chur i gcoinnibh na gaoithe sin lé n-a teinne: doichte: cruaidheacht chómhnaidhthe séidte. Aon ghéilleadh ní thabharfadh sé dhom, ní raghadh aon bhogadh ar theinne a aigne im choinnibh: doichte: déine: doi-ghéillteacht. Níl aon obair indiu ionam ag teinne mo ghéag: crapaitheacht. Is iongtach an cion d'fhan aige ort agus a theinne a bhís air, ní mór an chao do thugais riamh do mar is eól duit: a chruaidheacht. Bhris an téad de bharr a teinne: aiste a bheith ró-thairrngthe, ró-shínte. Beir ar an ngéig sin, an mbraitheann tu a teinne?: a luighead géillte atá aice fé ghreim nó lé fáscadh. Dá theinne bheifeá leis is mó an meas a bheadh aige ort: dá mhéid a chuirfeá in iúil do do bheag-bheann air.

teinneas: *f.1.* strus, fóirlíonteacht, fóirshearthacht; lán-shínteacht. A thuilleadh teinnis ní raghadh sa téid, tá a raibh innte tugtha: ní shínfeadh, shearfadh sí oiread is ionga eile. Ghoirteóchadh an chaid sin duine lé n-a teinneas dá bhfaigheadh buille dhi: a cruaidhteacht lé fóirlíontacht. Teinneas sreanga an bheidhlín i ngach féithleóig leis: gan aon tabhairt ionta.

teinneas: *f.1.* leóchaileacht lé teangmháil. Níl aon phian anois orm ach an teinneas go léir: do-fhuilngtheacht teangmhála aon rud liom. Leanann teinneas an domhain scrabhadh cneas nó at: leóchaileacht: mothúilt ghoirtightheach.

teinteán: *f.1.* úrlár slinn cruaidh ar a n-aduightear teine, ionad teineadh; an t-ionad tímcheall na teineadh mar meastar beatha is saoghal dhuine; an baile. Níl aon teinteán mar do theinteán féin: níl aon tigh ná áit is buannamhla dho dhuine 'ná a theaghlach féin: a bhaile. Is aca atá an teinteán bocht, dealbh: an tigh ná fuil puinn struis air. Fanfad ar an dteinteán leat: gan dul a chodladh go dtagair chun baile nó chun tighe. Ar theinteánaibh iasachta a thugas furmhór mo shaoghail: ag obair do dhaoinibh eile nó ag cur fúm i dtighthibh ná raibh aon bhuannacht agam ortha. Déarfá san liom ar lic mo theinteáin féin!: labharfá chómh teidealach san im thigh féin féin liom. Beidh teinteán cluthair aice i rith a saoghail: tigh is ionad seascair aice. Téighir abhaile, is ann atá an teinteán is buannamhla dhuit: an t-ionad is na daoine gur mó gur féidir leat déanamh dána ortha. Scuab an teinteán .i. an t-ionad tímcheall na teineadh. Síos fén dteinteán: fén gcistinn. Duine gan teinteán é: ná fuil áit dá chuid féin aige. D'fhág sé leanbh ar an dteinteán aice: ag brath uirthi chun a chothuighthe. Teinteán fuar, follamh: gan teine gan biadh.

teinteamhail: *a.* lasánta, loiscneach, obann-fheargach. Níor dheacair cur air, tá sé mós teinteamhail gan aon spreaga do dhéanamh air: lasmhar. Daoine go bhfuil an mianach teinteamhail ionta ní ghábhaid go ró-shocair lé gall-smacht: atá tapaidh, mear, feicheamhanta lé corruighe.

teintidhe: *a. n-dh.* lasánta, dásachta, fíochmhar, fiadhain, ró-theasaidhe. Caor theintidhe: splannc is tóirneach i bhfochair a chéile. Tháinig sé orm mar thiocfadh cao theintidhe, ní raibh aon dul ar é do chosc agam: rud ná raibh aon choinne agam leis is a bhain dem bhonnaibh me. Chuaidh an deoch chómh dona san do go raibh rámhaill theintidhe air léi is gur b'éigean a cheangal: gleódh is cainnt gan chiall gan deallramh aige. Cómhraiceóiridhe teintidhe an uile-shaighdiúir aca, b'fhearr leó an t-anam do chailleamhaint ná órdlach do ghéilleadh: fíochmhar: dásachtach.

teintreach: *a.* dásachtach, fíochmhar. Ní chúlfadh sé ó aon rud, tá meisneach teintreach aige: dásachtach, dána, do-scannruighthe. An mianach teintreach atá annsúd níor mhaith liom é do ghiobadh: a lasfadh go fíochmhar.

teip: *b.2.* gníomh ná gnóthuigheann a thriall; iarracht neamh-éirightheach; meath, aon rud ná meabhruigheann nó cóimhlíonann súil nó dóchas; ceal déanta gnímh riachtanaigh, nó go mbíonn súil leis; saillighe, tréigean, manaois. Cóimhlíonfad mo gheallamhaint gan teip: ní bheidh thiar orm: ní chuirfead aon díombáidh ort. Tugaim fé ndeara é ag teip go mór le déidheannaighe annsan: ag dul ar gcúl: ag tréigean: gan an crot céadna pearsanta do bheith air nó an gníomh céadna ann. Caithfear an capall so do scur, tá sé ag teip: tá a neart ag dul i ndísc: tá sé ag dul chun deiridh. Tá an teip ag dul ar an iasc: níl oiread de dhá mharbhughadh: taom tagtha air ná fuil sé ag breith (ar bhaoite) nó ag dul i líontaibh, etc.: meath. Bead ann gan teip: ní thárlóchaidh go mbead ar iarraidh. Ná bíodh aon teip ort gan teacht: bí deimhnightheach de go dtiocfair. Bhíos lé teip: ní raibh sé ós mo chionn go n-éireóchadh liom, nó bhí sé ar intinn cosc do chur liom ar dhul ar aghaidh. An teip chéadna do dhein an bheirt againn: an gníomh nó an bheart chéadna nár éirigh léi. Mara mbeadh an tsláinte bheith ag teip orm-sa is orm ná beadh an t-eagla roim sclábhaidheacht: ag meath: gan í do bheith i ndán claoidhe léi. Cad fáth gur dheinis teip air?: gur chuiris díombáidh air: ná deárnais an rud a gheallais nó go raibh súil nó dóchas

go ndéanfá. Eagla a chroidhe air ná faighidh sé ar gealladh do ach ní bheidh aon teip air: ní cuirfear aon díombáidh air: níl aon bhaoghal air. Ní lé teip cainnte ná héisteófar leis: níl aon phioc dá ceal san ag teacht leis. Teip na bprátaidhe: neamhtheacht: neamhfhás. Ní bheidh aon teip ar an airgead: beidh san lé fagháil nuair oirfidh.

teipim: *b.a. & n-a.* meathaim, cuirim díombáidh ar, coiscim, toirmeascaim, sáruighim. B'éigean tabhairt suas ar an dturus, theip mo chos bhacach orm: mheath sí: ní raibh innte a gníomh do dhéanamh. Theip gach aonnidh a mbliadhna orm idir churadóireacht is ainmhidhe: ní tháinig an toradh dá mbarr go raibh súil agam leis. Má theipeann ortha an chathair do choimeád tá buaidhte ortha: mara n-éirigheann leó. Má theipeas ort níor chliseas ort: má chuireas díombáidh ort gan an rud go raibh súil agat liom do dhéanamh nó a gheallas ní lém thoil é ach dem aindeóin. Teipfidh an t-arbhar ag an spalla tiormaigh: meathfaidh: ní éireóchaidh leis fás. Theipeadh sé fés gach aon scrúdughadh: ní éirigheadh leis. Cad bhí lé déanamh aca nuair theip lón ortha gan faic chun troda aca ach a ndóirne, ach géilleadh: mheath: nuair thárlaidh ná raibh oiread aca is dhéanfadh a ngnóth. B'ait le gach éinne é nuair theip a chainnt air: nuair nár bh'fhéidir leis labhairt. Pé áit go mbuailfeadh sé leat níor theip an chainnt riamh air: labharfadh is do bheannóchadh. Níor theip faic orm-sa ná níor theipeas féin ach teipeadh me: aon rud a theastuigh bhí sé agam, dheineas mo chion mar bhí de dhualgas orm ach sáruigheadh me. Theip sé i dtíreólas: ní raibh an t-eólas aige a héiligheadh air. Mara mbeadh gur theip an aimsir ní fhágfainn an áit chómh luath: go ndeachaidh sí in olcas, etc., i slighe nár oir dom. Ar amharc a thruaillightheacht is a bhoichte theip mo mheisneach orm aon rud do dhéanamh leis: laguigh sé: ní bhfuaireas ionam dul ar aghaidh. Fear nár theip a lámh riamh ó mhaith: nár choisc í ar chomaoin do dhéanamh. "Níor theip riamh air etc." lé duine gur gnáthach leis a bhotún do dhéanamh, cinneamhaint do thuiteam air, bheith mí-bhéasach etc. Níor theip an tuathal ar éinne riamh: is é an rud mí-cheart is fusa do dhéanamh. Is minic theipeann an solas aibhléise: a mhúchann sé trí chúis éigin nó ná tiocfadh sé. Theip an saoghal orm is theip gach éinne orm: níor éirigh an bheatha shaoghalta liom agus thréig na daoine me. Theip orm an baile do shroichstint an oidhche sin: bhí sé os chionn mo chumais. Theip cheithre hurchair orm: níor éirigh liom an cuspóir do bhualadh. Nár theipidh Dia ort, is ró-chonntabharthach an rud atá dhá chur rómhat agat: nár shéanaidh Dia a chabhair ort. Níor theipeas riamh ar charaid: pé uair gur theastuigh mo chóngamh uaidh do thugas do é. Cuir suas do lámh (i dtóin cártaidhe í) theipis: cheileabhrais: cárta ar mhalairt datha do chaitheamh ar an gceann a tugtar is an dath id láimh. Theip orm an traen do ruibeadh (breith uirthe): bheith in am chun dulta uirthi: chailleas í. Chaitheas stad nuair theip airgead orm: nuair ná raibh a thuilleadh lé caitheamh agam nó lé fagháil. Deir na dochtúiridhe go dteipfidh a chroidhe: go stadfaidh go hobann de bhualadh. Nách luath do theip an dath san éadach san: d'fheoidh sé. Teipeann orm dubh, bán agus riabhach aon tuigsint do bhaint as. Táim dall amach aige: aon iarracht in ao'chor ní féidir liom do dhéanamh. Nuair theip an talamh orainn níor bh'fhios dúinn cá rabhamair: nuair ná raibh radharc lé fagháil air.

teipeadh: *f.* (*-pthe*) tréigean, dul ar gcúl, meath. Cuma óg, churranta fós air; ní feictear aon teipeadh dómh-sa air: aon tréigean lé haois. An bhfuil an solas san ag teipeadh? an ceal íle bheadh air?: ag tréigean: lagughadh. Chuirfeadh sé bruighean ar ingnibh a chos na laethenta so, tá sé tar éis teipthe: tar éis tréigthe: pé rud gur iarracht ar a dhéanamh nó a

shroichstint níor éirigh leis. Teipeadh na mbarraidhe: a meath: gan a dteacht. Cigire é a bhíos d'iarraidh gach éinne do theipeadh má gheibheann aon chao in ao'chor: do chosc ar éirghe leó. Ní fheadair súd cad é an rud teipeadh: níor chuir sé roimis aonnidh ná gur éirigh leis do dhéanamh. Aon iontaoibh ní bheadh aige asat ón dteipeadh úd: ón uair úd nár chomhaill ar t'fhocal tu nó ar an muinghín a bhí asat. Is beag an rud a chuireann teipeadh meisnigh ar an té ná bíonn sláinteamhail: a chuireas an briseadh air. Cad tá ag teipeadh na gaoithe?: ghá cosc gan séideadh. Pé rud a thiocfas leat ní teipeadh cainnte é ach go háirighthe: ceal: staonadh. Caithfead stad tamaillín, tá teipeadh anála orm: ní thagann liom m'anál do tharrac i gceart.

teipeamhail: *a.* claon lé teipeadh, neamh-iontaoibheach, meathtach, tuiteamach. Gan an-aire do thabhairt do agus leasughadh maith do chur leis barra teipeamhail seadh é: leochaileach: claon lé meath: níor lughaide aige teacht ná gan teacht. Bheadh an diabhal buidhe d'eagla orm dul id threis, tá teist theipeamhail ort: tá sé amuigh ort nách comhall ar do gheallamhaint thu, go gclisfeá, go dtréigfeá. Is neamh-theipeamhla go mór baoite úr ná baoite guirt chun an éisc seo: is é is lugha go gcaillfeadh air an bheart do dhéanamh. Tagann an úrlabhra go han-theipeamhail air, bheadh truagh agat do d'iarraidh na bhfocal do chur de: snagadh mór ina ghlór. Cad a thug an choisidheacht theipeamhail do: céim bhacaighe ann: bacadghail do bheith ann.

teipithe: (**teipthe**) *a.r.* meathta, tréigthe, caillte, dulta siar air, coiscithe, sáruighthe. Dá mbeadh teipithe orm chomh minic agus tá ort-sa d'éireóchainn as mar ghnóth, mara mbeadh aonnidh ach an náire: dá mbeadh gach iarracht dulta im choinnibh. Tá an chathair teipithe ortha do thógaint, d'aimhdheóin a bhfuil d'fhearaibh is d'fhearas teilgthe ina coinnibh aca: tá cliste ortha: tá sáruighthe ortha. Fear teipithe seadh anois me, admhuighim, agus sin é adeir m'aois liom: meathta: tá an lá is fearr feicthe agam. Cuir a chúram díot, capall teipithe seadh é: ná fuil i ndán obair do dhéanamh mar bhí tráth. Is beag an mhaith do dhuine seifteanna anois go bhfuil an luach teipithe: ná fuil an oiread lé fagháil ortha agus bhíodh nó gurbh fhiú dho dhuine a nduadh d'fhagháil. Tá teipithe orm ciall do thabhairt do, ní éisteóchadh sé lé cómhairle ná lé réasún: tá sé dulta im choinnibh: b'fhánach m'iarrachtaidhe. Ná habair gur tír theipithe fós í: go bhfuil sí ar lár fós: go bhfuil deireadh aice ar éirghe. Tá an radharc 'san chois teipithe orm: daille súl is maille luadair orm. Tá an ghaoth teipithe orainn, caithfeam rámhaidheacht: níl ag séideadh nó fabhrach dúinn. Caith uait do chártaidhe, táir teipithe ó mhuileataidhibh: níor chaithis muileat ar mhuilit is muileat agat. An bhfuil do theanga teipithe ort ná labhrann tu?: an bhfuil sí imthighthe gan luadhaill? Tabhair eaga dhom, tá m'anál teipithe orm: níl ionam í do tharrac. Tá an t-iascach teipithe maidir leis an mbliadhain seo: níl sé lé fagháil: an bhiadhaiste thart.

teirce: *b.4.* gainne, neamhfhlúirse, ceal, sprionnlaitheacht. Dá theirce atá airgead, tá daoine ann ná fuil a cheal ortha: dá ghainne: dá neamh-iomadamhlacht. In áiteannaibh tá gearánta go bhfuil teirce té, is go dtabharfadh daoine go bhfuil dúil aca aon rud air: gannchúis: neamhfhlúirse. Ní mór ná go gcómhaireófá ruibidhe mhullaigh a chinn lé n-a dteirce: fánaighe: luighead a lín: a neamh-iomadamhlacht. Níor thug riamh is ní thabharfadh choidhche faic d'éinne lé teirce a chroidhe: sprionnlaitheacht: ceal flúirse do bheith ag baint leis. Ní maith liom teirce do ghuidhe, ná tabharfá do mharbhaíbh an

domhain í: gainne: neamhfhairsinge. Níl aon teirce mionn mór air: táid ar a chur go flúirseach: rithid chuige ina sruth. Teirce crann san áit an rud is lugha thaithnigheann liom i dtaobh na háite: a bhfánaighe: gan iad do bheith iomadamhail. Ní teirce molta thagann liom nuair chaithim mo chuid ar mo lucht aitheantais: bíd uile go léir ag maoidheamh asam. Ní raghaidh aon teirce ar ghrástaibh Dé: beid ann go hiomadamhail. An teirce búird gan adhbhar a ghoilleann orm: cinnteacht an bhídh air.

teircim: *b.a. & n-a.* teipim, téighim i ngainne, díscighim. Teirceann an t-uisce in aimsir spallta, thirim: téigheann i ndísc. Dá fhlúrise atá nidhthe fé láthair teirceóchaid toisc an chogaidh is a dheacracht iad d'fhagháil: raghaid i ngainne. Nár theircighidh choidhche ar do chroidhe flaitheamhail: nár bheiridh aon bhroid ná easbhaidh air.

teircithe: *a.r.* dulta i ngainne, i neamhfhlúirse. Tá an saoghal teircithe orainn, níl nidththe ar ár dtoil againn mar bhíodh: easbhaidh na nidhthe budh ghnáth linn do bheith againn tagtha orainn.

teist: *b.2.* clú, cáil, cúnntas, tuairisc, tásc, teastas, fínéidh, moladh. Lé n-a linn bhí árd-theist ges na daoinibh air, níl aon rud a fhéadfadh sé do dhéanamh do dhuine ná go ndéanfadh: árd-mholadh: clú maith leathta air. Is í mo theist-se air gur cladhaire é: an cúnntas is féidir liom-sa do thabhairt air. Níl aon deagh-theist air: na nidhthe adeirtear ina thaobh ní mhéaduighid a cháil. Teist mhín, mhacánta ag gach éinne air go bhfuil aithne aca air: cáil: ainm. Rith plúir atá ann go bhfuil teist air: cáil mhaith lé n-a fheabhas. Níl aon teist chóir air: ní labhartar ar fóghnamh ina thaobh. Tabhair an teist orm atá tuillte agam: an cháil: tuairisc: tásc. Ní bheadh sé de (mar) theist orm do bheith sprionnlaithe: ní leigfinn amach mar thuairisc orm féin é. Thug sé droich-theist ort sa chúirt: an fhínéacht do thug sé is ghod dhío-mholadh nó ghod cháineadh í. Teist nár thuill sé atá air: na nidhthe curtha ina leith (olc nó maith) ní fíor iad. Ní maith í teist an ólacháin: é do dhul amach ar dhuine do bheith tugtha dho. Bhíodh teist an nirt air: é leathta ameasc daoine go raibh sé láidir. Ní thabharfaidh an saghas san aon teist duit: gníomh nó beart mar sin ní chuirfidh deagh-ainm ort. Ar an dteist do chuala air b'í mo thuairm láidir gur togha fir a bhí ann: an tuairisc mhaith.

teisteas: *f.1.* fiadhnaise scríobhtha go mbíonn rud amhlaidh mar bhíonn ráidhte, go mórmhór a fheabhas in aon rud, buaidh scrúdúcháin etc. Teisteas beartha scríbhinn go mbíonn ceanntráth saoghaluighthe dhuine, clárughadh etc., ann. Teisteas baiste a chuireas in iúil agus a dhearbhuigheas gur deineadh an baiste. Teisteas sláinte: scríbhinn ó dhochtúir a dhearbhuigheas cad í aiste sláinte dhuine. Fuair sí an t-árd-teisteas: an chéim léighinn is aoirde fé aois scoile.

teistiméireacht: *b.3.* fiadhnaise, tuairisc, tásc, teastas; tuairisc ar chlú, cháilidheacht, bhéasaibh etc. dhuine (go mórmhór seirbhíseach). Dá gcloisteá an teistiméireacht a tugadh ort, ní thaithneóchadh in ao'chor leat: an cúnntas ar do chlú, cháilidheacht, bheart, luaidheacht, etc. Níor mhór do teistiméireacht d'fhagháil ó n-a lucht adhmannais dheidheannaigh sara bhfaigheadh sé obair airís: scríbhinn ag dearbhughadh a fheabhasa, a oireamhnachta is a tréithe. Maidir léd mheas-sa orm, fan go raghad ar lorg

teistiméireachta ort: tacaidheacht lém chlú, cáil, feabhas, tréithe, etc. Gheibheann sé árd-theistiméireacht ós na daoinibh: moladh mór: cáil is meas.

teó: *b.ch. do te* teas, brothall. Tar éis lae nó dhó beir ag dul i dteó na buannaidheachta: nuair bheidh breis thaithighe agat ar an áit etc. beidh breis mheisnigh ag teacht duit agus ní bheir támáilte. Ag dul i dteó atá an cath an uile uair den ló dréir na bpáipéar: ag dul i bhfíochmhaireacht. Ní hí an teó shubháilceach chéadna a gheóbhfá ó theine mhóna a gheóbhfá ó theineadh ghuail: an teas cneasta, caoine. A theó bheadh an t-uisce b'é a bhuanc é: dá mhéid a theas. Dá theó chuirfeá dhíot anois dar liom gur bh'fhearrde thu é: dá thapamhlacht. A theó is tá a lámha, mothuigh iad: iad bheith mós te.

teó-: *i gcfbh.* te, bog, díoghraiseach, ceanamhail. Taidhbhsightear dom ná fuilir teó-aigeanta leis an margadh so, focal molta níor thugais do: ná fuilir ar a thaobh: ná fuil aon scleóndar ort ina thaobh. Níl aon chall agaibh lé bheith chómh teó-aighnis lé n-a chéile, maoluighidh: goirgeach. Cad tá buaidhte agat lé bheith chómh teó-bhéalach? ná beadh sé chómh maith agat bheith cneasta: tapaidh, mear as an dteangain. Duine breágh, teó-chainnteach gur bh'aoibhinn leat seal cómhráidh do bheith agat leis: lághach, muinnteardha. Bean chómh teó-chroidheach is scuab teinteán riamh chun bualadh isteach chúichi: cneasta, fáilteamhail, flaitheamhail. An chéad bhliadhain pósta dhóibh bhíodar teó-ghrádhach má bhí aon lánamha riamh, ach as san amach d'imthigh an draoidheacht mar an gceódh: go mór i ngrádh lé chéile. Bíonn fás maith air, talamh teó-chréadhach seadh é: an úir bog te ann. An lá chaillfeá é is tú bheadh go teó-dheórach dhá cheal: go mór-bhrónach. Cuirfir díot go teó-chosach adeirim leat mara gcuirir uait do gheámaidhe: mara n-iomcharair thu féin imtheóchair agus ní go mall é. Teó-leóithne ón bhfarraige gur thaithneamhach leat ar do chneas é: gaoth chaoin, bhog. Ainmhidhe teó-fhola an míol mór: fuil the ar nós an duine ann. Cuir teó-ghríosach leat féin: teine go mbíonn teas is seascaireacht innte. Fuair sé teó-bhuillidhe a bhraith sé: go raibh greadadh ionta.

teódhacht: *b.3.* teasaidheacht, brothallacht. Níl aon teódhacht ar an uisce, níl a dhóthain teineadh fé: buige: teasaidheacht. Lé teódhacht mo cheana ort dhéanfainn aon rud ar mo chumas duit: báidheamhlacht chaoin. Is mithid do, is an t-am den mbliadhain atá ann, teódhacht do bheith ag teacht san aimsir: buige do bheith san aer agus teas, in ionad an fhuachta. Dá theódhacht é an cluiche is eadh is fearr liom-sa é, ní chuireann méid na ngeall aon mhairg orm: dá dhéine a himirthear é. Nuair shloig sé an deoch chruaidh do bhraith sé teódhacht ag rith fé n-a chreat: go raibh sé téidheamh: mothúilt aoibhinn bhíodhgach aige. A theódhacht agus atá an lá: nách te, brothallach atá sé. Ní sheasóchadh teódhacht na hoibre: a tapamhlacht agus a déine. Teódhacht na tíre is ní hé méid na hoibre a chuir orm: an síor-theas.

teog: *f.3.* taom trom breóidhteachta. Duine b'eadh é cé go bhfaigheadh fo-theog go raibh sláinte mhaith aige: taom fánach breóidhteachta. Gheibheann sé teoganna ró-mhinic, ní maith liom mar chómhartha air é: taomanna. Tá teog slaghdáin air: drochruaig.

teólaidhe: *a. n-dh.* cluthair, seascair, beadaidhe, cáiréiseach. Cá bhfuil do chúis ghearáin? ná fuil áit mhaith, theólaidhe, annso agat a chuirfeadh formad ar aon bhean tighe?: seascair. Ionad teólaidhe annso againn sa chúláis seo chun ár mbraoin do chaitheamh, gan

neach ag cur chughainn ná uainn: seascair: compórdach: a sháiseóchadh duine. Tabharfad tighe teólaidhe dhuit i rith do shaoghail: tigh go mbeir ar do sheascaireacht. Taidhbhsigheann tú annsan ar an dtolg chómh teólaidhe le cat i loca bunnaigh!: ar suaimhneas cuirp is aigne. Nách teólaidhe ataoi ort féin ná geóbhfá amach toisc braon beag báistighe do bheith ann: an-aireach, an-fhústrach i dtaobh do shláinte. Aon cheal níl air, tá gach nidh go teólaidhe aige: i bhflúirse. Is í a choimeádas a chuid ina chóir go teólaidhe: go críochnamhail, gasta. Ní aistreóchainn as an suidheachán so ar aon rud, táim go teólaidhe ann: ar mo shuaimhneas is mo shocracht. Leag sí a ceann i gcoinnibh a ghualann go teólaidhe: ina luighe go suaimhneasach, sásta.

teólaidheacht: *b.3.* seascaireacht, socracht, flúirse, mothálach i dtaobh sláinte. Mara mbeidh sásamh aigne agam ann beidh teólaidheacht cuirp: socracht is suaimhneas: beidh gach aon rud i bhfabhar mo sheascaireachta. Má fhéadann sé in ao'chor é ná bíodh aon eagla ort ná go mbainfidh sé cúinne na teólaidheachta amach: an áit is mó a bhéarfas suaimhneas, seascaireacht is ciúnas do. Deireadh a choda airgid ní chaithfeadh sé choidhche, tá sé i dteólaidheacht aige: in iomadamhlacht. Bíonn teólaidheacht an domhain aige air féin ar eagla a bháis, siolla gaoithe ná braon báistighe ní fhuilngeóchadh sé: an-mhothálach go n-éireóchadh aon díth dhe: é mar bheadh íomháigh greanta.

teóra: *b.5.* scéimh, bruach, cuimse, "cailc", imeall, foirimeall. "Níl aon teóra leis ach an fharraige", lé duine a chuireas iongadh orainn lé n-a ghníomharthaibh (go mórmhór gan choinne leó). Seadh, a dhaoine, anois an bhfuil aon teóra leis?: cad é ná déanfadh sé? Níl aon teóra lé n-a n-ólann sé: ólann cuid mhór, mhaith. Cuir teóra éigin leat féin nó ní fios cá stadfair: cuimse: aiste áirighthe, cinnte. Tá ár gcuid talmhan i dteórainn a chéile: sínte suas nó buailte lé chéile. Ní fada ó chéile in ao'chor sinn geallaim dhuit, tá sé ar an dtaobh theórainn agam: ár gcuid talmhan ag teangmháil ar a chéile. Seachain tú féin, ná téirigh i dteórainn do mharbhtha: in aice na háite go dtárlóchadh sé dhuit. Tá a dtigh ar an dtaobh eile theórainn ina bhfuilim: ar an dtaobh thall den rian a dheighileas ó n-a chéile sinn. I dteórainn an chinn is na colna do sháidh sé an scian go fuirc ann: san ionad ina dteangmhálaid ar a chéile. An claidhe teórann go bhfuil an t-achrann mar gheall air: a dheighileas cuid dhuine ó chuid dhuine eile. Earraidhe thar an dteórainn iad so: ón dtaobh eile den áit go bhfuil deighilt. Teóra an chómharsa is fearr dá raibh riamh agat: cosc do bheith ar chómhluadar daoine eile leat. Ní fada ná go mbeidh sé ar theórainn a dathad: ar bhruach na haoise sin: buailte go hathchomair leis. Cuir an teóra dhíot chómh pras is fhéadfair: fág an chríoch so amach ar fad. Cómhnuighim i dteórainn na mara: in aice léi. Sé tuairm gach éinne go bhfuil sé ag teórainn an bháis anois: buailte leis: ag druideam in athchomaireacht do. Thionnlacadar go teórainn an chrosaire me: in aice leis. Níl aon teóra lé n-a chuid airgid: tá tarrac aige air: dá mhéid a chaitheann de ní théigheann aon luighead air. Chonnaic sé an long i dteórainn aoir is uisce: ar íoghair na spéireach. Mharbhófá breac méith i dteórainn na dtrí n-abhann: cómhrac: mar a dteangmhuighid ar a chéile. Cuireadh an dlighe orm i dtaobh mo chuid eallaigh do dhul thar teóra ar chómharsain: an claidhe, fál, rian etc. a dheighileas ár gcuid ó n-a chéile. Comhnuigheann sé ar theórainn Chorcaighe: san áit go dteangmhuigheann sé ar dhúthaigh eile. Thuit an t-eiteallán i dteórainn an uisce: ag ciumhais: lé n-a ais. Is mithid stad d'obair; tá sé i dteórainn lae is oidhche: cómhrac: tuitimín oidhche: cróntráth. Chuadhais thar teórainn ar fad orm: ró-dhian: thar cailc. Ní raibh aon teóra lé n-a n-itheadh sé: an t-aimeón. "An uair

fhairsisigheas an Tighearna do Dhia do theóra mar do gheall sé dhuit, agus déara tusa, íosa me feóil (de chionn go bhfuil fonn feóla ar th'anam, etc.)": cuirfead breis lé n-a bhfuil agat. Scriosadar an ceanntar chómh mór san ná raibh rian teórann ina ndiaidh ann: níor bh'eól do dhuine i gceart cá fhaid a shroichfeadh a chuid lé ceart. Is é seo dligheadh an tighe; ar mhullach an tsléibhe biaidh a theórainn iomlán fá gcuairt ró-naomhtha. Féach, sé so dligheadh an tighe: an fhaid a shroisfidh sé ar an uile thaobh. Níor chaith sé riamh sa ló thar coróin, b'shin í an teóra: an méid is mó a chaithfeadh nó leigfidhe dho a chaitheamh.

teóranta: *a.* cuimse, teóra, cailc, críoch, foirimeall do bheith lé, cumhang. Budh dheacair d'aon ainmhidhe ceathair-chosach an gort san d'fhágaint amach, tá sé chómh teóranta san: clathacha nó fáil chómh daingean san air. Ní fada ná gur b'éigean dom-sa éirghe as an gcaitheamh so, sparán teóranta atá agam: níl ann ach suim áirighthe airgid. Cuireadh eaga theóranta leis chun ádhbhar áirighthe do dhéanamh: suim chinnte aimsire. Ní fhéadfainn na nidhthe budh mhian liom do dhéanamh annso, tá mo chómhacht teóranta: tá marc nó cuimse léi: nidhthe áirighthe nách féidir liom. Éire teóranta ar an dtaobh thiar ag an muir mhóir: sáruighthe. Slighe theóranta atá annso: níl puinn fairsinge ar fad ann. Cómhlucht theóranta: cómhlucht: ná bíonn lucht na scar ach freagarthach san méid do chuirid sa ghnóth. Ar aon taobh go dtabharfainn m'aghaidh chun éaluighthe do bhíos teóranta: cosc orm.

teórantach: *a.* in aice, i ngaobhar, cómhchómhnaidhtheach. Tá a n-ionad san teórantach linn sa bhaile: buailte linn. Na talmhaintidhe teórantacha is fearr go mór iad ná an gabháltas atá agam-sa: atá sínte suas leis.

teórantacht: *b.3.* athchomaireacht, foigse(acht), deighilt. Ná bí ag teacht in aon teórantacht liom, b'fhearr liom faid na feighle uaim thu: in aon aice dhom. Cad chúis go bhfuilir ag cur teórantachta liom-sa? ná fuil sé de cheart agam déanamh mar is toil liom?: ag cur cuimse liom. Ní mór ná go bhfuil an dá áit i dteórantacht a chéile: ní fada ó chéile a luigheann siad.

teot: (**teoit**) *int.* fastaoim. Teot éist do bhéal, níl an scéal chómh dorcha san orainn: cainnt ait í sin, ní fál go haer é. "Teot!" ars an pláta a bhí im láimh agam nuair leagadh me: baineadh as mo ghreim é is deineadh ciolaracha dhe. "Teot!" ars an falla nuair taighdeadh isteach fé: thuit sé go hobann i ngabhal a chéile.

tí: *f.4.* poinnte, ball, ceann des na garraidhthibh ar chlár fithchille nó táiplise, riasta sean-aoise, gan réidhteacht nó socrughadh. Nách fada atá an chúis úd ar tí? cathain tástálfar í?: gan breitheamhnas do thabhairt uirthi. Díreach is mé ar tí léimeadh isteach im thrucaill is gluaiseacht abhaile cé bheannóchadh dom ná Tomás, agus chromamair ar chainnt: i mbuille: ag cur chuige. Stadas mar mheasas go rabhais ar tí labhartha liom: ar barrghail: ar bruach: chun. Tá an oiread san tuargana fachta aca ná beadh aon iongadh orm dá mbeidís cortha den gcómhrac agus ar tí stadta: a n-aigne réidh aca chun. Má tá an oidhche dorcha féin agus an bóthar fada, níl aon eagla orm scaoileadh fé, dar ndóigh ní neach atá ar mo thí: ag faire is ag feitheamh chun me d'ionnsaidhe. Cloisim go bhfuil sí ar tí leinbh do bheith aice: nách fada ó thráth leanbh do shaoghalughadh í. Táthar ar thí do

mharbhtha: daoine (duine) ann ag feitheamh leis an gcaoi is leis an ionad. Cuir umat do bhrat, tá sé ar tí na báistighe: ar barrghail í do dhéanamh. Níor cheart duit an iomad airgid do bheith ar iomchar agat, ní fheadraís cé bheadh ar do thí: ar aigne é do bheith díot chómh luath agus gheóbhaidís an chao. Glaoidh ar shagart is ar dhochtúir chuige, deirim leat go bhfuil sé ar tí báis: i mbéal bháis. Ní fhéadaim mo bhéal d'oscailt gan duine éigin ar mo thí: réidh, ullamh chun me d'ionnsaidhe. Ná bí ar a thí seo, ní haon mhaith dhuit é, ní bhfaighir é: ag tnúth leis: ag súil go bhfaighir é. Bhíodh na bleaigeárdaidhthe ar a thí nuair bhíodh sé ar an mbealach abhaile is braon caithte aige: fé n-a bhrághaid chun a ionnsaidhthe ar intinn a dhíoghbhála. Tá sé in am ag an bparróiste do bheith ar tí éirighthe: ag cur chuige. Títhe na sean-aoise go doimhin ina ghruadh: riastaidhe.

tí: (**tigim**) *an 2 'san 3 pearsa fó-shuidhteach* Gach aon lá dem shaoghal ann, do bhinn ag obair go dtín oidhche: go teacht na hoidhche. Go dtí go ngeóbhadh an mhuir adtuaidh ní fhéadfá a dhéanamh: riamh ná choidhche. Go dtí go mbeidh airgead agat ní bhfaighir féachaint air: go dtárluigheann san. Go dtí san bhí gach aon rud ar shógh an domhain: suas go sin. "Ní bheadh an méid atá uait agam go Nodlaig" – "is fada go dtí san": budh ró-fhada bheith ag feitheamh lé teacht an trátha san. Pé fada nó gearra go dtí go bhfaighead bás coimeádfad an greim atá agam: go dtuitidh sé amach luath nó mall. An bhfuilir ag teacht go dtí me ambáireach?: chugham. Dubhairt liom bheith ag tógaint as go dtí ná beadh faic fágtha: go tráth etc. Sula dtí an mhaidean bhíodh an ball fágtha agat ar mhaithe leat féin: roim theacht na maidne. Sara dtí an oidhche bíodh deireadh déanta agat: sara dtagaidh. Bhí an t-airgead ar fad agam go dtí púnt: acht. Briseadh a raibh d'áraistidhibh sa tigh go dtí crúsca amháin: sin ar fhan slán. Raghad go dtím' dhícheall air: déanfad a bhfuil ionam. Go dtí thusa ní raibh neach aca dob fhearr 'ná t'athair: ar an dtaobh amuigh dhíot-sa. Fan go dtí me: go dtiocfad. Go dtí an saoghal so ní mór an chúis ghearáin a bhí ag daoinibh, bhí furmhór ghannaidhe na beatha saor: ar feadh na haimsire roimis.

thiar: *d.bh.* ceann de cheithre árdaibh an chompáis os coinne na háirde thoir; san iarthar, i ndiaidh, ar gcúl, déidheannach; thall annsúd sa treo thiar. Tair thiar orm go n-árduighead liom thu mar iomcharóchainn leanbh: ar mo dhrom. Ná tair thiar orm, thoir a theastuigheann uaim tu do theacht: ná tair ar an dtaobh thiar díom. Thiar ar Shasana atá Éire: san áird sin go dtéigheann an ghrian fé. Tháinig sé is gan aonnidh thiar air thar éis an lae: gan seilg aige (iascach, fiadhach), gan faic de bharr an lae. Sin fear ag teacht is druinn air, tá rud éigin thiar air: ghá iomchar aige. Mara néir-se deabhadh, beidh thiar ort: ní bheidh deireadh déanta agat agus is díth dhuit sin. Níl an t-iomlán airgid annso atá thiar ort: easnamh ort nách bail duit. Beidh thiar orainn má bhíonn an taoide imthighthe uainn: ní bheam in am chun iascaigh: beidh an ionbhaidh imthighthe etc. Ní tháinig fóghmhar riamh ná go mbeadh thiar ar an bhfuairthé céadna feirmeóra san: ná go raghadh an fóghmhar gan déanamh aige. Tá so thiar orm mar bhíonn a mhála ar an mbacach: ar dhruim nó ar ghuailnibh, mar bheadh ar dhuine gur bhéas aige bheith ag síor-iomchar a bhrait pé saghas aimsire a bheadh ann. Cad é an mhaith dhuit teacht tráthnóna thiar anois? dar ndóigh ní haon am oibre é: déidheannach. Bhriseas mo chroidhe is mo shláinte ag tabhairt céille dho, is gan aon mhaith dhom ann, go dtí sa deireadh thiar thall gur éirigheas as: tar éis mórchuid aimsire. Is é a tháinig as an muinnteardhas ina dheireadh thiar go rabhadar féin ag faire ar a chéile: ina fhíor-chríoch. Is fada an diabhal thiar air!

féach cad tá déanta aige anois: an mío-ádh sa mhairc air. Sid é Síghtheach cheann thiar an bhaile: ón mball de atá san ionad san. Thoir ná thiar níor bhuail neach liom budh theó-chroidhighe ’ná é: in aon bhall. Thiar sa leabhar do gheóbhair is ní ina thosach ná ’na lár: fé dhéin a dheiridh. Déineadh maith nó olc dom anois, tá sé thiar agam: ólta nó ithte. Tair thiar sa ghluaisteán: i suidheachán cúil. Thiar im scórnaigh do stad an greim: ag déanamh ar a tóin. Tá fuar agat tá sé thiar ina bhéal ag an madra: ar tí a shloigthe. B’éigean dúinn solas d’fhagháil toisc é do bheith dorcha thiar (i dtóin an) sa pholl: san gcuid budh shia ó n-a bhéal. Dá mbeinn thiar agat d’inneósainn duit: san áit go bhfuilir san treó thiar nó i dtigh i dtreó an dorais iadhta, ní bheadh oiread brosaireachta agat. Ná bíodh faitchíos ná eagla ort, táim-se laistiar díot: ar do chúl chun tacaidheachta do dhéanamh leat. Dá mbeadh aon airgead laistiar díom ní theipfeadh ar mo ghnóth: bun a chabharfadh liom. Ní bheadh sé chómh dána mara mbeadh cabhair bheith laistiar (taobh thiar) de: chun tacaidheachta do dhéanamh leis nuair budh ghábhadh é. Cad tá taobh thiar den marbhadh so?: cad é an fáth gur deineadh é? Ar an dtaobh thiar díom do deineadh é seo: i ngan fhios dom. Ní bheadh a fhios agat cé bheadh taobh thiar de chlaidhe, bí aireach: ag éisteacht. Ná bí taobh thiar d’éinne pé áit go ngeóbhair: bí dána: cuir tu féin in iúil. Taobh thiar des na daoinibh atáim riamh, fairír: támáilte: iargcúlta: mé im thost an fhaid agus bhíodar san go tighearnamhail ag dul chun cinn. Ní laistiar díot do raghainn ghá rádh – amadán seadh thu agus a leithéid do chreideamhaint, déarfainn ós do chómhair amach é. Pós bean aniar is pósfair a bhfuil thiar ar fad: beid do shíor ag turasadóireacht ar do thigh. Connus táid go léir thiar?: in áit áirighthe atá san iarthar. Tair thiar air: ins an gcuid is sia uait. Tair thiar ar an gclár etc.: ar an gcuid is sia uainn chun a iomchair. Beir thiar air: ar earball, etc. Bain thiar de: ciorrbhaidh, gearraidh, teasc é i dtreo na coda is sia uait. Tair thiar fé: tabhair cabhair dá dheireadh: iomchair é (ualach). Tabhair don bhfear thiar ar fad é, is aige is fearr atá sé tuillte: an té atá ar fíor-dheireadh an tsluaigh. Bead thiar leis na himtheachtaibh seo: bead caillte leó: chun deiridh. Tá an chúis thiar go ceann mí: a tástáil curtha ar athlá. Ní fhéadfainn a bhfuil d’fhiachaibh thoir is thiar orm d’íoc choidhche: i ngach áit go dtabharfainn m’aghaidh. Gheóbhfá cladhaire thoir is thiar: i ngach ball dá ngeóbhthá. Creid mise leis go mbainfear an díomhaointeas thiar fós as: go gcuirfear chun oibre é ná féadfaidh a sheachaint. Is iomdha lúb thiar thíos ina phutóig, an cladhaire: go doimhin, i bhfolach. Bhraitheas an rud ag ionshnámh laistiar suas ar mo dhrom: ar chúl mo dhroma anáirde. Tulca trom laistiar droch-thuar é: san áird thiar. Gaibheann a chuid cainnte laistiar síos díom (mar uisce de lachain): ní ghoilleann orm: ní chuirim aon nath innte. Is iomdha rud a bhíos ar siubhal gem mhnaoi laistiar díom: i nganfhios dom. Ghaibh long laistiar síos (suas, ó dheas, ó thuaidh): ó thuaidh san iarthar. Tá an ghaoth sa chathaoir thiar thuaidh: ag séideadh as an bpoinnte idir thiar is thuaidh. Táim ag imtheacht go hait ó mhaidean, níl sé thoir ná thiar agam: díombáidh is neamhchoinne i ngach áird: níl sé annso ná annsúd agam, mar seo ná mar siúd. An ag dul thiar leis do bheifeá?: ag tacaidheacht leis. Go deimhin féin is breágh an cómhartha ort do bheith éirghe thiar as chnapán rógaire mar é: “ag tógaint a pháirt”: ag cuidiughadh leis. Teanntuigh thiar leis, níl sé ábalta ar a chás do chur in iúil gan tusa, a dhailtín, ag treasughadh: cabhair leis: mar a dteipeann air tárrthuigh é. Téighir siar sa rang agus fan thiar: chun deireadh: ar gcúl. Ná stríoc órdlach, táim-se thiar leat: ar do chúl chun tacaidheachta do dhéanamh leat. Cuir teannta thiar leis (fé n-a cheann, dhrom etc.): rud éigin mar peiliúir i dtacaidheacht a chuirp. Cuir cloch thiar leis an roth is ní chorróchaidh an gluaisteán: mar thaca: isteach mar dhínc idir í agus an talamh. “Is iongtach atá déanta

agat" – "tá a thuilleadh thiar ionam": mar a dtáinig an méid sin as: i dtóin mo shníghte. Chómh luath agus bheidh san thiar agat cuir díot is ná feicim go hoidhche airís thu (go lá airís): ithte: caithte. Siubhal an-cham a bhí fé bhí an iomad thiar aige: breis den ndigh mhearbhaill. Ná bíodh aon mhairg ort, táim ag teacht thiar: ar deireadh an tsluaigh. Mo chroidhe lán-bhriste d'iarraidh teacht thoir is thiar ar go haonnidh: gnóth ag baint na súl asam: oiread lé déanamh agam is nách féidir liom freastal air. Ní maith an béas atá agat ag cur go haonnidh thiar sa mhairc ort: ag tógaint ar cáirde. Cuir thiar orm é: ar mo dhrom. Asat thiar nár thagaidh sé maran agat atá an dúil ann?: id chliabhlach go bhfanaidh. "Asat thiar é!" lé duine a ghníos gníomh a thaithnigheas leat nó a bhíos buantseasamh. Maran b'ait an teadh a thagann ann pósadh i ndeireadh a shaoghail thiar: i bhfoircheann a bheatha nách mór. Ar deireadh thiar traochadh é as féin: thar éis mórán mór aimsire ar a dhícheall. Chuir an dochtúir feadán thiar ann chun fuascaltha do thabhairt do: suas ina thóin. Cuireadh piléar ann a tháinig thiar amach: a ghaibh ó thaobh taobh tríd. Gaibh thiar amach, is eadh is lugha chidhfidh éinne thu: tríd an ndoras is gnáthaighe bheith dúnta: nách féidir tú do thabhairt chómh mór fé ndeara. Tabhair thiar do é, tá sé tuillte aige: bualadh nó búrdáil sa tóin, deireadh. Mise, mar is gnáthach, atá thiar leis an gcluiche seo: caillte lé. Bhíodh sé thiar leis an gcíos i gcómhnaidhe, mar ná féadfadh sé teacht in am air: mall: mío-thráthamhail. Táim thiar sa diabhal: chun deiridh: i bhfad ó oiread do bheith déanta agam is budh cheart dom, nó go bhfuil súil leis. Níl sé amuigh ná thiar air thar éis a shaoghail: aon rud lé teasbáint aige de bharr a shaothair. Ar fhan aon rud thiar annso orm?: aon fhiacha gan díol. "Mise an fear a dhéanfadh é sin" – "is tu, poll dearg do thóna thiar!!!": b'fhada uait é: is amhlaidh a taidhbhsightear duit sin. Chuaidh an scian tríom thiar: i leith mo chúil nó mo dhroma ghaibh sí isteach. I rith an lae bíonn sé thiar lém shúlaibh: ghom leanamhaint go dlúth. Dá mbeadh piobar dearg thiar leis: curtha lé n-a dheireadh. Deirim-se leat faid do bhíos-sa i Mearaice gur baineadh asam thiar é: nár tugadh aon tsaoghal díomhaoin dom. Nuair bhís óg níor cuireadh ionat thiar é: níor hoileadh thu lé smacht. Níor stad sé de dhubh-obair go ndeaghaidh grian thiar i bhfarraige: san iarthar. "Tabhair blúire tobac dom" – "tairring thiar asat é! cá bhfaighinn-se tobac duit" (go tarcuisneach). Buail thiar é: sa drom nuair théigheann rud lé hanáil dhuine. "Ní thabharfad duit é" - "sáthaidh thiar ionat é, mar sin" (tarcuisne). Tabhair dom an leabhar san thiar tharat: atá ar do chúl. Cuimil thiar díot do chuid airgid salach: ded thóin. Cuimleóchainn thiar díom thu: dhéanfainn pé rud budh mhaith liom leis maidir lé neart de. Tá sí bog thiar innte: cómharthaidhe in "áit áirighthe" go bhfuil sí ar tí dárach do theacht uirthi. Ní bhfaighim thoir ná thiar mo thuarasdal, ní fheadar cá n-imthigheann sé ach go bhfuil a fhios agam nách fada agam é: ní bhfaighim chun suime é: ní thagann liom aon tsásamh ceart do bhaint as. Labhair leis, féachaint an mbainfeá aon éifeacht as, ní bhfaighim-se thoir ná thiar é: aon rud a deir sé ní fhéadaim a bhreith chun cruinnis. An t-Oileán Thiar: an Blascaod Mór.

tiarach: *b.2.* an cuibhreach (téadán, etc.) a ghaibheas fé earball capaill, miúlach nó asail i gceangal na srathrach is ghá coimeád in ionad ar dhrom an ainmhidhe. Níor cuireadh an tiarach fós fé (greann): níor tugadh coidreamh do ar aon rud, mar brisfí isteach ainmhidhe. (Feic **srathar**)

tiaracht: *b.3.* ceann d'oileánaibh na mBlascaod, go bhfuil an léas mara air agus atá cruinn san áird thiar an an míntír. B'fhearr liom bheith i mbarra na Tiarachta 'ná ag bruic libh: oileán fiadhain, géar-fhaillteach iargcúlta.

tiarcais: *f. ulbh.* A thiarcais! féach a bhfuil d'airgead gem leanbh bán: nách é an iongadh é. "Tá cogadh buailte" – "a thiarcais!": a Mhuire. A thiarcais! dá mbeadh mo dhóthain airgid agam, is me do bhainfeadh an smúit as: dar fiadh. Nuair thána ar an láthair chuige gan aon choinne sa domhan bhraonach aige liom, "a thiarcais" do ráidh sé.

tiargáil: *b.3.* ullamhughadh, fearasughadh; ag cur i dtreó. Na hiascairidhe ag tiargáil chun iascaigh: ag cur a gcuid fearais lé chéile. Díreach agus sinn ag tiargáil chun codlata cnagadh ar an ndoras: ag ullamhughadh: ag cur rómhainn dul. Bímís ag tiargáil chun dul abhaile: ag gluaiseacht. Cad n-a thaobh ná gluaisfeá, nách mór an tiargáil atá ort: an cóiriughadh is an t-ullamhachán. Thug sé i bhfad ag tiargáil sar ar thug sé fé é do dhéanamh: ghá chur féin i gcóir. A thúisce is bheidh gach aon tiargáil réidh tosnófar ar an dtigh do thógaint: gach aon chóiriughadh a bhíos riachtanach.

tiargálaidhe: *f.4.* duine a chóirigheas nó a ullmhuigheas fá chóir duine, ruda nó teagmhais éigin. Chuir sé tiargálaidhthe roimis 'on chathair chun iostais d'fhagháil dá bhuidhin ar feadh seachtmhaine: daoine a shocróchadh is a réidhteóchadh lé haghaidh a seascaireachta. Beidh gach aon rud ann a theastóchaidh uait, tá tiargálaidhe maith i mbun an chóirighthe: duine a chuireas gach aon rud a bhíos riachtanach i gceann a chéile go críochnamhail. Ní fhágfaidh sé aon easbhaidh orainn, tá tiargálaidhe maith bídh againn: duine a sholáthróchaidh gach ganna.

tiargálaim: *b. n-a.* ullmhuighim, cóirighim. Tiargálaimís chun gluaiste, beam déidheannach mara mbrostuigheam: cuirimís go haonnidh lé chéile: ullmhuighimís. Tiargáil fadó riamh chun teineadh d'adughadh: téighir i gcóir a haduighthe. Tímcheall meádhon oidhche thiargálas chun codlata: chóirigheas me féin.

tiarpa: *f.4.* druinn (dronn), cnapán, tón, geidirne, búndún. Níl aon easbhaidh saoghail ort, suidhte ar do thiarpa, gan mhairg fén spéir ort: ar do thóin, gheidirne. Cuireann sé tinneas im thiarpa a bheith ag éisteacht leis!: bréan ar fad de. Tugadh fé ndeara an tsluid ina tiarpa thiar air: 'na cnapán ualaigh. Má tá ceal airgid ort, tairring thiar as do thiarpa é!: as do thóin. Ghoillfeadh sé ort, é ina thiarpa bocht seanduine annsúd ar an dteinteán iasachta: 'na chnochaire casta ar a chéile. Is fada ina tiarpa seanmhná í: crannda gan luadar: ina crúnca.

tiarpach: *a.* ag baint leis an dtón, iartharach. Bean chumasach, throm-thiarpach: go dtóin mhóir fheólmhar. Beidh tinneas tiarpach ag imtheacht ort mara n-athruighir do phort: tinneas tóna: ní bheir buidheach díot féin. Ní taise d'éinne agaibh maidir lé feóil is beathuightheacht, ach is tusa is tiarpaighe: is mó agus is beathuighthe tón.

tiarpán: *f.1.* cnapán druinne, aon rud iartharach i bhfeirm chnapáin. Thuit sé ar a thiarpán: ar a thóin. Leag sé ar a tiarpán í: ar a tóin. An mála 'sa raibh ann ina thiarpán fé n-a chasóig: cnapán.

tidheacht: (**tigheacht, teacht**) *b.3.* gluaiseacht fé dhéin an té go labhartar leis, san áit go mbíonn nó go mbeidh; an áit go mbíonn an té a labhras do shroichstint; d'eascar; do thárlachtaint. Ar mo thidheacht abhaile: ar me ghá shroichstint. Chaith sé leath a shaoghail d'iarraidh tidheacht ina láthair lé méid a dhúthrachta: teacht: bheith i ndán a fhiadhnaise do shroichstint. An bhfuil aon chiall ag tidheacht do? bhíodh sé an-fhaillightheach, tá a fhios agat: ag fagháil céille. Tá ag tidheacht fés na leabharthaibh, ceal teineadh sa tseómra: taisreacht ghá shroichstint.

tig: (**tigim**) Ní thig liom tú thuigsint: ní féidir liom. An dtig leat teacht?: an féidir leat?

tigheachas: *f.1.* (**tigheas**) obair is gnóth tighe; an bheatha mar chaitheann an líon tighe í. Droichchéile mná dhuit dob eadh gach aon lá riamh í, budh mhó aice sráideóireacht ná tigheachas: gnóth is muirearaighe tighe. Níor mhór é mo thaithighe ar thigheachas mar ná raibh tigh ná treabh riamh agam: cómhluadar muirir is a n-imtheachta.

tigheamhail: *a.* ag baint leis an mbaile. Riamh bhí sé ina fhear thigheamhail, agus dob annamh é ag caitheamh mórán aimsire ó n-a líon tighe: suimeamhail in imtheachtaibh a thighe is a theaghlaigh.

tighearna: *f.4.* triath, uachtarán, taoiseach, ceann, Dia, duine go mbeadh gabháltas talmhan ag treóntaidhe fé. A thighearna! cé hé thusa, cad thug annso thu? ní fheaca im shúilibh cinn cheana riamh thu: le hiongadh nó alltacht. A thighearna! nách uathbhásach an cogadh é. A thighearna! innis dom cad eile dhéanfainn?: ar mbeith do dhuine trí chéile i dtaobh cad budh cheart do do dhéanamh. Chómh maith agus is maith liom mo Thighearna Dia d'fheicsint, sin í an fhírinne ghlan: riaghaluightheóir neimhe agus talmhan. A thighearna! cad so anois?: éigheamh ar an gcóimhdhe lé hiongadh, imshníomh, etc. Go rabhad gem Tighearna Dia gur mar sin do thárla: m'anam go dtéighidh ina láthair gurb í sin an fhírinne. Níor mhaith iad na tighearnaidhe talmhan: iad so go mbíodh mórchuid talmhan aca fé chíos ag feirmeóiridhibh. An tighearna easbuig: gairm dréir béas is nós an easbog. Is fada ge n-a Thighearna Dia é: tá sé marbh. Biadh do leanbh nó cíos do thighearna: dhá nidh go leanann callán iad mara mbíd ar fagháil. Ní gnáth ceisneamh ar ndíth tighearna!: nuair cuirtear fios air is beag a bhíos go brónach ina dhiaidh. A thighearna na trócaire! ná hagair mo chionnta orm: a ard-mháighistir go bhfuil gach maith ar do láimh. Is deacair dom aonnidh cóir do dhéanamh, tá an iomad tighearnaidhe orm: breis ag tabhairt órduighthe dhom. B'é béas agus aoibhneas ag tighearnaidhe na tíre gabháil cosair easair in ár ndaoinibh: na bodaigh gur leó ár gcuid talmhan. Tá a fhios gem thighearna, mhuis, pé báidheamhlacht do bheadh agam leis ná leigfinn do amadán do dhéanamh díom ar an gcuma san: bíodh a fhios ag an saoghal mór, etc. A Dhia, mo Rí is mo Thighearna: a árd-riaghaluightheóir orm, mo smaointe is mo ghníomhartha. Beidh gach aon scread ar an dTighearna agat an lá déidheannach má gheibhir cao air: an cruthnuightheóir is an riaghaluightheóir. "Mise do Thighearna Dia ná bíodh aon dia eile agat ach me". A Thighearna Íosa Críost! maith dhom. Beidh sí ge n-a Tighearna (Dia) fé mhaidean: dulta os a chómhair. Dhá thighearna do riar ní féidir d'aon: ní féidir beirt mháighistridhe do shásamh. Tighearna Chinn Mhara, Chorcaighe, Fhionn Trágha etc.: "uaisle" lé teideal.

tighearnamhail: *a.* mursanta, dána, clódhchaiseach, tíoránta. Chreidfinn an uile fhocal adeirir ina thaobh, tá sé tighearnamhail a dhóthain chun aon ruda do lorg, buannacht nó gan buannacht: ró-ughdarásach: ar chuma gur dhóigh leat air gur cheart do, leis, a thoil do bheith aige agus smacht ar chách. "Suidheann sé gan chead gan iarraidh im thigh féin lastuas de mhuinntir an tighe" – "is tighearnamhail é!": mursanta, tíoránta: mar dhéanfadh duine gur leis féin an áit. Rud tighearnamhail do leanbh seadh gach ré seadh do thabhairt do dhuine go mbeadh breis aoise aige: dána, clódhchaiseach, neambéasamhail. Is é an meas atá air gur tighearnamhla san oifig gach íochtaránach atá aige 'ná é féin: ughdarásaighe: go nglacaid ortha féin rudaidhe do rádh is do dhéanamh ná fuil de cheart ag neach ach aige féin. In aon áit go mbíonn sé ní chloisfeá drundam as, is neamhthighearnamhail an duine é: maol, cúlbhánta ar ócáid nár mhío-chuibhe dho do bheith ar malairt slighe. Dhein sé ar an dtigh go tighearnamhail, budh dhóigh leat go raibh a phócaidhe lán d'airgead – in ionad san is ag lorg ar cáirde tháinig sé: go dána, ceann-árd.

tighearnamhlacht: *b.3.* mursantacht, ceannasacht, dánaidheacht, mór-chlódhchas, borrachas, mío-mhódhmhaireacht. Ní fhuilngeóchad aon tighearnamhlacht uait im thigh féin, beir chómh mín, féicheamhanta lé héinne eile a thagas ann nó caithfir fágaint: borrachas: úghdarásacht: déanamh mar budh uachtarán ar gach éinne is go rabhadar fé n-a chómhacht. Lé corp tighearnamhlachta shuidh sé chun bídh gan chuireadh, gan iarraidh: suidheamh a thábhachta féin maidir lé tarcuisne do chách: claonacht ag duine lé n-a thábhacht féin is a cheart féin, mar saoiltear do. Budh mhór an tighearnamhlacht do a lámh do chur ar aon rud ná féadfadh sé d'oibriughadh: úghdarás: rud éigin lasmuigh dá eólas do ghlacadh air féin. Cuid bheag dá chuid tighearnamhlachta a thuairm do thabhairt ar rud ná fuil aon eólas aige air: neimhfhiúghantas: dánaidheacht as mheas a thuairimidhibh féin. Ní leigfeadh an tighearnamhlacht do gan bheith fiosrach: a chlaonadh lé meas do bheith as a thábhacht féin aige: dánaidheacht gan béas. Tighearnamhlacht do thruaghán mar é masclach mar í do phósadh: clódhchas. "Ní raghadh an oiread den dtighearnamhlacht uaidh", le duine ná féadfadh aire do thabhairt dá chúram féin ná gan teangmháil do bheith aige lé rudaidhibh ná feadair sé aonnidh mar gheall ortha.

tighearnas: *f.1.* réim, forlámhas, úghdarás, cómhacht, liomatáiste cómhachta, flaitheas. Níl tigh ná tighearnas aige is a rian air: níl aon áit chómhnaidhthe ná pioc den dtalamh go siubhalann air. B'fhada tighearnas aca ar na bochtaibh, go n-imridís a dtoil 'sa meón ortha: cómhacht. Ó cuireadh as tighearnas iad is beag trácht ortha: ó réim. "...atá a fhios agaibh an mhuinntir agá bhfuil cumhachta ar na cineadhachaibh go bhfuil tighearnas aca ortha; agus go mbíd a ndaoine móra tréan ortha" (Marc X. 42): cómhacht ós a gcionn: ceannas. "Ó bhun Chnuic Bhréanainn go Ceann Sléibhe i bhfarraige mo thighearnas-sa", ars an sagart: an liomatáiste atá fém chúram spioradálta.

tigheas: *f.1.* coimeád tighe, teaghlachas, cnuaisciún, bainistighe tighe is áite. "Níl fearann, níl tigheas agam, níl fíonta ná ceól": bainistighe tighe ná aon rud a dhéanfadh é. Tigheas na pinginne is dul amudha na scillinge aige: caol, cumhang ag cur na bpinginne lé chéile, cnuaisciúnach maidir le rudaidhibh suaracha agus rabairneach, flaitheamhail i

gcás nidhthe tábhachtacha. Phósas, táim lé tigheas anois, chaitheas uaim ragairne is scléip: ag coimeád tighe. Ó ná fuil sé de rath orm céile do bheith agam déin bean tighis ar mo chóisir anocht dom: a chuirfeadh fáilte roim na haoidheannaibh agus a sheólfadh coinnimh dóibh. Budh dheacair dom puinn do dhéanamh lasmuigh i ngarrdha ná i ngort nuair ná raibh neach chun tighis do dhéanamh orm: gnóth tighe: freasdal bídh, etc., orm. Dá mhéid a mbeadh sa tigh d'earraidhibh aige dhi ní raibh aon tigheas innte is bheadh sí siar go mion is go minic: cnuaisciún: bainistighe: aire is cúramacht in ionnramháil earraidhe is gannaidhe tighe. Coimhthigheas atá againn sa tigh seo: an biadh is an tslighe chéadna maireachtana. Choidhche ní bheidh aontigheas idir me féin is bean ar bith: coimeád tighe .i. ní phósfam. Ní aitheantas go haontigheas: go dtí go maireann is go gcoidrigheann daoine a chéile i gceart in aon tigh ní heól dóibh meón ná aigne a chéile. Faid bhís ina measc nár tugadh tigheas duit?: nár riar ort biadh is freastal? An ag cuimhneamh ar dhul i dtigheas ataoi go bhfuil an tiargáil seo go léir ar siubhal agat?: ag coimeád tighe: socrughadh fút. Mar nár mhaith an sás tighis í b'aindeis an teinteán do bhíodh aice: ní raibh brigh innte chun muirearaighe tighe do ghabháil.

tigheasach: *a.* ag baint le teaghlach nó lé n-a bhainistighe, fáilteamhail, cruinneasach, cnuaisciúnach. Bíonn buadhairt thigheasach ar an mbeirt aca gach lá den mbliadhain, uair a chluig réidhtigh ní ghnéid lé chéile: clampar éigin teinteáin nó baile. Chuardófá tamall maith sara mbuailfeadh dream is soithigheasaighe 'ná iad leat, ní fheadair siad cá gcuirfidís thu ná cad dhéanfaidís leat: is fáiltighe: is flaitheamhla. B'fhada liom a ghiorracht do bhíos eatartha bhíodar chómh doithigheasach san, budh dhóigh leat go raibh ceannach ar chainnt aca: neamhfháilteamhail, neamhlághach.

tigheasach: *f.1.* duine i mbun tighe, gurb air a bhíos a riar is a mhuirearaighe, bainisteóir. Ní raibh cuibheasach ina thigheasach mhaith riamh: níl aon tigh leath bealaigh maidir lé flaitheamhlacht, bíonn duine flaitheamhail nó ní bhíonn. Sin é an droichthigheasach, is fada gur bhain sé an tart ná an t-ocras d'éinne: doichilleach: neamhfhonnmhar ar chinneáltas is chneastacht d'fhoillsiughadh don iasachtaidhe. Raghfá seal sara bhfaighfeá a mháighistir de thigheasach, b'é budh bheag leis a n-íosfá is a n-ólfá: fear tighe flaitheamhail, fáilteach. Aon dochar dhuit ní bheadh gan aon bhaint do bheith agat leis, mar nách maith an tigheasach é: duine go mbeadh teangmháil agat leis. Tigheasach dá fheabhas seadh é, ní fhágfadh sé tart, ocras ná tromchroidheacht ort: duine go maith chun caoimheachais.

tigheasacht: *b.3.* coimeád nó bainistighe tighe, riar is órdughadh tighe. An té ná bíonn tigheasacht ar eólas aige níl aon ghnóth de thigh aige: nách eól do connus gnóthaidhe tighe do riar. Bhris droich-thigheasacht iad, chuir ó thigh is ó thighearnas iad: droichbhainistighe: míriar.

tigheasamhail: *a.* flaitheamhail, fial, fáilteach. Ní bheadh aon doic orm dul fé n-a ndéin aon lá, daoine tigheasamhla iad: oscailteach, fáilteach.

tigín: *f.4.* teach, tigh beag, bothán. Tigín (leinbh): bréagán tighe do leanbh.

tim: *a.* scáthmhar, eaglach, támáilte, faiteach, maoth, miochair, fuar-chásach. Labhair sé go tim tais léi d'fhonn is má bheadh aon amhras aice air go scaipfeadh sé é: lághach, mánla, soibhriathrach. Thabharfadh sé aghaidh ar aon rud, an fear úd nár thim croidhe: nár lag spirid. Thug sí croidhe tim do, ní leigfeadh eagla dho focal do labhairt léi: bhris sí a mheisneach.

tímcheall: (**timcheall**) *f.1.* ciorcal, boighisín, fáinne, cuairt, cúrsa, foirimeall, geábh, "buille", aistear; i dtánaiste, isteach 'samach lé. Dathad órdlach de thímcheall atá gem ucht: sin é an tómhas. Is mór go léir an tímcheall gabháil cois na farraige in ionad gabháil mám an chnuic amach: aistear: breis achair as an slighe. Tógfair mórán éadaigh chun culaithe, tá árd-thímcheall agat: coimpléas: an tómhas ó ionad áirighthe mágcuaird go n-a shroichstint airís. Thug sé tímcheall an pharróiste isteach ar lorg cabhartha agus theip air: thaisteal sé gach ionad ann. An tnúthán tugann sé tímcheall na dtighthe tábhairne isteach i ndóigh dighe in aisce: gluaiseann sé ó cheann ceann. Thug sé tímcheall an chósta gan dul i gcuan ná i dtalamh: ghaibh sé mágcuaird: bealach, cúrsa a ghaibh ar gach taobh de go ráinig ceann-spric airís. Sid é an gárda ag teacht ar a thímcheall oidhche: cúrsa gurb é a liomatáiste dualgais a thaisteal ar am áirighthe. Rómhat amach anois bóthar breágh réidh gan casadh gan tímcheall: aistear: aon troigh de ní chuirfeadh as do slighe thu. An comhgar chun an bhídh is an tímcheall chun na hoibre, deirtear leis an nduine leisceamhail, leasc: ag síor-sheachaint na hoibre nó aon rud go mbainfeadh duadh cuirp leis, ach i gcómhnaidhe gan bheith ar iarraidh ón mbiadh. Is tú an duine is neamh-mhaitheasaighe beó, is fada go dtabharfá aon tímcheall ort féin ar son éinne: go gcuirfeá aistear ort féin, go raghfá as do bhealach: go gcuirfeá as dhuit féin ar son duine eile. Tugtar seacht dtímchill ar an dtobar agus naoi dtímchill ar an gcrois: turuis i bhfeirm fáinne a chríochnuigheas mar ar tosnuigheadh. Is iomdha tímcheall tugtha aige anois d'iarraidh teacht ar an rud atá uaidh d'fhagháil, eagla air teacht sa cheanntsláine, boghaisínidhe tugtha aige ar an nidh go bhfuil ar a thóir: bóithre: geáitsidhe glioca d'fhéachaint an bhfionnfadh nó an bhfaigheadh aon éachtaint gan a thoisc do chur in iúil. Cé gur minic tímcheall na háite sin me níor thugas riamh fé ndeara an lus go dtagrais do: do thabhairt cuairde nó turusa air. Bheadh san ag cur síos go maidean duit ar rudaidhibh suaithinseacha, diamhaire; cad chuige ná beadh fear go bhfuil tímcheall an domhain tugtha aige: mórchuid den ndomhan taistealtha aige. Tá sé im cheann siubhal mór-dtímcheall Éireann uile: gluaiseacht ó ionad áirighthe agus leanamhaint ar aghaidh feadh an chósta go n-a shroichstint arís. Is áidhbhéil a bhfuil d'fhéar sa choca, féach an tímcheall atá aige: an bolg: méid an fhoirimill. Glaoidh chughat do mhadra, ná bíodh sé annso i dtímcheall mo chos: ameasc: ag teacht treasna ortha. An bhfuil aon mhion-airgead ar do thímcheall? má tá, tabhair don aindeiseóir sean-mhná san é: ar iomchar agat nó in aon áit i ngiorracht duit. Is ró-bheag é m'eolas-sa air, is annamh 'na thímcheall me: ina fharradh: fhochair. Cuir giobal éigin id thímcheall, is ná bí ag imtheacht dearg-nochtuighthe mar sin: umat: mar chlúid: ar do chorp: tharat aniar. Gluaisimís, níl aon iasc in ár dtímcheall annso: in ár bhfoigse: cómharsanacht. Peaca seadh bheith tímcheall cailínidhe: bheith ag suirghe leó, ag imirt ortha nó bheith ag déanamh aon ruda neamh-iomchubhaidh. An tímcheall féir atá muinntir an tighe seo indiu?: ag gabháil do: ghá shábháil, etc. Tímcheall mo mhic ar scoil do tháinig an máighistir: mar gheall air: chun cainnte do dhéanamh ina thaobh, a iomchar ar scoil b'fhéidir nó mar sin. Tímcheall talmhan do bhíodar i gcúirt lé chéile: conspóid nó achrann mar gheall air. Ar mo

thímcheall dom do bhuail mórchuid liom go raibh eólas cruinn aca ar an rud a bhí uaim: ag taisteal thart. Ná bíodh ceist ná dolbhach ort ná fuil do ghaolta tímcheall ort?: bailighthe farat. An saoghal mór tímcheall orm-sa mar gheall air, is gan aon luid dá chúis orm: ag cur orm. Dhearbhóchainn mara bhfuil sí an fiche go bhfuil sí tímcheall air: buailte leis: i ngiorracht do: i dtánaiste dho. Cas (cuir) tímcheall ort an clócha so ón sín: thar do chorp is do choim. Tímcheall ar mo chapall do bhí an fear úd: mar bheadh ag brath ar é do cheannach nó rud éigin ag baint leis. Tímcheall ar a deich a chlog do phléasc na tóirneacha: beagán éigin fé no tharais. Ón am d'fhág sé, má lean sé air, bheadh sé tímcheall Átha Cliath anois: isteach 'samach lé bheith ann. Bheadh a fhios agam má sé a thóg má bheadh a fhios ag éinne mar bím tímcheall air go minic: ina choidreamh nó chómhluadar. Níor thómhaiseas é, ach déarfainn go mbeadh sé tímcheall agus dhá chloich meádhachana: ná beadh puinn fé n-a bhun nó os a chionn. Ar fhéachaint tímcheall dom bhain an radharc a chonnac geit asam: siar ós choinne na treó ina rabhas ag amharc. Budh ghreannmhar an radharc an tsráid síos, an ceann muice thiar air is gan faic tímcheall air: gan aon rud ag clúdach (páipéar ná eile) an chinn. Baineadh casadh tímcheall asam: iompódh gur tugadh m'aghaidh sa treó ina raibh mo chúl. Bíonn an roth ag casadh tímcheall i gcómhnaidhe, b'fhéidir go dtiocfadh an lá ná beadh an oiread réime fútha: an t-áth do shíor ag athrughadh. Bain tímcheall aiste: beir ag rinnce í is bain casadh aiste. An bhfuil an drochghalar úd tímcheall airís?: leathan sa chómharsanacht. Tiocfair tímcheall uait féin lá éigin nuair mhachtnóchair níos fearr ar do bheartaibh baoise: athróchair ar an gcuma atá dhá chómhairleach duit. Téighir tímcheall, is féach an mbuailfeadh éinne leat mar thu: cuarduigh, taisteal is breithnigh. Is mór an casadh tímcheall agat é, bhainfeá an tsúil as éinne bliadhain ó shoin a déarfadh an rud go ndearbhuighir leis anois: athrughadh aigne. Ná bí ag lútáil tímcheall orm-sa, is beag orm do chuideachta: ag déanamh mo chómhluadair is mo mhuinnteardhais. Cad tá ag tónghail tímcheall annso uait?: ag gabháil thart gan faic dhá dhéanamh agat ach mar bheifeá ag brath ar rud éigin ó dhuine éigin. Gaibh tímcheall, ní hé sin an doras ceart: téighir go cúl nó ucht an tighe dréir mar bheadh. Dhein sé a dhícheall, ach níor ghaibh sé tímcheall orm: pé rud a bhí uaidh d'fhagháil uaim níor éirigh leis. Ghaibh sí tímcheall air ar shlighe éigin gur phós sé í: mheall é: chuaidh ina threó chómh glic, gasta san. Connus gheóbhad tímcheall ar labhairt leis?: is annamh do leigeann duine ná daon ina ghoire: cad í an tslighe a chuirfead rómham. Maran dtiocfar tímcheall air ar shlighe éigin ná fuil aon tuairm agam, ná bíodh aon eagla ort go ngéillfidh sé: mara n-ionnsaidhtear é i slighe go meallfaí é. Nách éadrom, feósaidhe an cailín í níl aon tímcheall aice: chómh téagartha. Ó tá an deoch sa tímcheall bainfead braon aiste: dhá riar. Scéal atá sa tímcheall ina thaobh seadh é, bíodh sé fíor nó bréag: ag dul ó bhéal go béal. Dá mba me thu ní fhágfainn duine dhíobh gan droch-ainm do thabhairt air siar go hearball tímcheall: gan neach díobh d'fhágaint amuigh. Lá éigin beidh cnáib tímcheall do mhuiníl: crochfar thu. Shiubhlóchadh sé tímcheall ort, a mhic ó, é siúd: sháróchadh sé thu ar gach cuma gur féidir cuimhneamh air. Dhóirneálfadh sé tímcheall orm: is fearr go mór is go fada de dhóirneálaidhe é 'né me. Caithfead suidhe is mo shuaimhneas do ghlacadh, tá mo cheann ag dul (casadh) tímcheall: méabhán is mearbhall ann. Tímcheall lé fiche bliadhain ó shoin a thárlaidh gur marbhuigheadh fear annsan: beagán fé nó tharais. Mo thímcheall-sa d'fhear atá ann: cosamhail liom i dtoirt, in aois, etc. An domhan ag iompódh (casadh) tímcheall, nách áidhbhéil an iongadh san: gluaiseann ar threó cómhchruinn mágcuaird ceart-lár. Gluaiseann an domhan tímcheall na gréine. Faid mhór sa laige dhi sara dtáinig

sí tímcheall: sar ar théarnuigh sí. Cuir tímcheall an bád: athruigh treó a cúrsa. Lé linn na haimsire is cuimhin liom go raibh an bhean ag teacht tímcheall ar a tríomhadh duine cloinne: go raibh sí ina mnaoi thruim agus ar a haistear. Buaileadh tímcheall na cluaise in áit éigin é: sa treó san. Connacthas do gur mhaith is gur éascaidh an uain í chun ruda do ghoid nuair ná raibh neach beó thart tímcheall: i bhfoigse ná i radharc. Beir tímcheall anocht chun an rinnce é: iarr air agus ná heitigheadh thu. Mór-dtímcheall, iompuightear!: tugtar aghaidh sa treó ina bhfuil an cúl. Nách é an radharc é, gach aon rud tímcheall air go galánta: ar a phearsain, a bhaineas leis. Chodlóchadh sé tímcheall an chluig: dhá uair déag. Bíonn sé tímcheall an tighe i rith an lae: ní théigheann sé i bhfad uaidh. Imthigh tímcheall an chúinne: an cúinne do chur díot as mo radharc. Ar an gclódh oibre atá ort anois, tá an diabhal id thímcheall: ag spreagadh fút. Bíonn uaigneas orm nuair ná bír im thímcheall: im aice nó im chómhluadar. Ní hó tímcheall na háite seo é dá mb'eadh d'aithneóchainn é: ón gcómharsanacht: ceanntar. Imthigheadh seisean, fan-sa tímcheall, b'fhéidir go bhfaighfí gnóth éigin díot: ná téigir ró-fhada ón mball 'na bhfuilir. Is beag a fhanann tímcheall ar dhuine nuair bhíonn a chuid caithte aige: ina fhoigse chun a chónganta. Bhí sé tímcheall an lae nuair dhúisigheas: níor bh'fhada uaidh é. Scaoileadh tímcheall an deoch: riaradh ar a raibh láithreach í. Cuir deireadh leó tímcheall: leó uile go léir. Nuair thiocfaidh an Nodlaig tímcheall airís: nuair bheidh a ré istigh lé teacht. B'é dochtúir dob fhearr aca tímcheall uirthi: ag friotháilt 'sag tabhairt aire dhi. Beir tímcheall air is ná bíodh den diabhal ort a leigeant uait: ó thaobh thaobh, thoir is thiar. Scríobhfá leabhar tímcheall a bheatha: ag cur síos uirthi.

tímcheallach: (**timcheallach**) *a.* aistearach, faidshligheach, corach, cómhchruinn. Chuala sé go rabhthas ar a thí, agus mar sin thug turus tímcheallach air féin chun a namhad do mhealladh: aistearach: faidshligheach. Chuirfeadh sé soitheach i gcuimhne dhuit, tá déanamh chómh tímcheallach san air: cómhchruinn.

tímchealladh: (**timchealladh**) *f.* (*-llta*) gabháil lasmuigh mágcuaird ar fad de, boghaisín nó fáinne do dhéanamh ar. Chuaidh díobh an chathair do thímchealladh toisc abhann do bheith ar thaobh di nár bh'fhéidir dul treasna uirthi: teacht ar uile taobh di mágcuaird. Fál árd ag tímchealladh an ghuirt: ar gach taobh i ngach treó.

time: *b.4.* buige, laige, meathtacht, faitchíos, iargcúltacht. Ná beir leat, agus ná bíodh aon dearmhad ina thaobh ort, go bhfuil aon time ag baint leis siúd rómhat, thabharfadh sé aghaidh ar fiche duine mar thu: faitchíos. Cothuigh do mheisneach ní haon am time do theacht ort anois é: laige spiride. Mhuise, do chroidhe gan time, sin cainnt nách dual do do chlos: gan mí-mheisneach. Diabhal ceart ar a dhá chois níl time ná taise ag baint leis: ní chuirfeadh aon rud scáth air, is ní lugha 'ná do chuirfeadh maoithneachas. Duine seadh é atá lán de ghaoith mhóir gur fearr teinne leis ná time: bheith daingean, dána leis is gan a luighead faitchís d'fhoillsiughadh.

timthire: *f.4.* freastalaidhe, giolla, buachaill. Is é timthire an diabhail in aon chuideachtain é, seachantar é!: buachaill an aidhbheirseora: giolla an mhioscais. Daingnigh an tairnge i dtimthire an teallaigh: tlúth: an úirlis a bhíos do shíor oireamhnach leis an dteineadh d'ionnramháil. Timthire Gaedhealainge ag gríosadh na ndaoine chun a haithbheódhachtainte: duine a ghníos cóiriughadh is soláthar chun a curtha ar aghaidh.

timthireacht: *b.3.* freastal, riar, gnóth tighe, feadhmannas; giollanradh. Ní stadann lámh ná cos léi ag timthireacht ar fuaid an tighe, gan aon rud ag imtheacht mícheart i nganfhios di: go fuadrach, gnóthach. Bheifeá ar do thoil féin anois dá bhfaghfá éinne bheadh ag timthireacht duit, gan a bheith agat ach do mhéar d'árdach: ag déanamh an uile nidh dhuit díreach mar shásóchadh thu. Is beag rud ná gur chaitheas tamall air chun slighe bheatha do ghnóthughadh, níl de bharra mo chuid timthireachta indiu ach an bhochtanacht: an saothar, an fuadar is an ghníomhaireacht ar fad. Fágadh timthireacht na cúige fé: gabháil tríthe, suim do chur ges na daoinibh sa bheart, a gcóiriughadh lé chéile chun saothair do dhéanamh ar son an chuspóra. D'imthigh cuid mhór den réim a bhí fé, d'imthigh an timthireacht a bhíodh 'na thímcheall: an freastal is an gleódh go léir chun a shásta.

tin: *f.4.* cimiar, gortughadh, máchail, buadhairt. "Cad na thaobh gur imthigh do bhean uait?" – "tin t'fhiafruighthe ort!": buadhairt is ciapadh go né sé dhuit maran fiafruightheach ataoi. Seadh, nách gleóidhte giorraisc an freagra fuairis uaidh agus tin t'fhiafruighthe ort maran ort a chuireann cúram na ndaoine eile an tinneas: ná rabhais istigh leat féin mar gheall ar bheith chómh fiosrach.

tine: *b.4.* (**tinfeadh**) blas ciúirialta, foghar iasachta blomasach ar an úrlabhra. Cuid des na daoinibh mara gcaithfidís ach mí i Mearaice bheadh tine ar a gcuid cainnte aca: glór iasachta mar breis srónaidheachta, etc. Cá bhfuair sé an tine ar a gcuid Gaedhealainge: blas is foghar neamhnádúrtha a tuigtear do do bheith galánta. Tine ar a chuid cainnte a ghearrfadh tobac duit: blas grod, géar, crochta.

tinne: *b.4.* (**tinneacht, tinneas**) leóchaileacht, breóidhteacht, so-ghoirtightheacht, cruaidh-dhéineacht. Dá thinne dhom é do ghortughadh b'éigean dom é do dhéanamh: dá mhéid mar ghoill sé orm. Dá thinne dhuit mise do bheith gan airgead is measa 'ná san duit do dhreatháir dá mhéid mar ghoilleann sé ort. Dá thinne í an chos tabharfad iarracht ar shiubhal uirthe: dá luighead fulang atá aice ar theangmháil léi gan í do ghortughadh. Choidhche ní imtheóchaidh an tinne dem chroidhe, goineadh go ró-mhór me: an diachair mhór atá air. Ní hé a breóidhteacht ach a tinne, ní mór go bhfoidhneóchadh sí méar do bhualadh uirthi: leochaileacht ceal achmhaoine fuilngthe. Ag dul i dtinne atá a chorrán, screadann sé lé heagla go mbuailfeadh duine barra méire air: leóchailighe, neamhfhuilngighe.

tinneálaighe: *b.4.* croitidhe, snaidhmeanna gáiridhe. Tháinig tinneálaighe gháiridhe orm fén ngabháil ait do bhí uirthi is a maidrín ar éill aice nách mór ná gur thuiteas fuar, marbh: croitidhe: racht: tritheamh trom. Chuaidh sé i dtinneálaighe gáiridhe go hobann gur léir gur imthigh a mheabhair uaidh: snaidhmeanna nár bh'fhéidir leis teacht asta.

tinneanas: *f.1.* deabhadh, brostughadh, luathughadh. Déin tinneanas má theastuigheann uait gan an bád do chailleamhaint: deifrigh: luathuigh. Is minic minic gur fearr foidhne lé linn tinneanais 'ná scaoileadh leat féin: iomad deabhaidh. Táid seo ag cur tinneanais orm, rud ná teastuigheann uaim mar nách léir dom i gceart cad tá orm do dhéanamh ná cad é an ghuais atá ag baint leis: ghom luathughadh thar mar is mian liom. Ná bíodh aon

tinneanas ort leis seo, bí deimhnightheach ded ghnóth: aon fhuadar chun a dhéanta roim ré, sara mbeadh oireamhnach chuige nó inmhianta.

tinneas: *f.1.* leóchaileacht, pian, galar, breóidhteacht, diúbhracadh; imshníomh, ciapadh, aithreachas, ciotaighe. Níl tinneas ná diachair orm, buidheach 'o Dhia: imshníomh i dtaobh aonnidh na iomard colna. Tá tinneas is breóidhteacht air: níl fulang aige ar theangmháil lé n-a chorp gan é do ghortughadh. Nuair bhíos sínte ar chúl mo chinn níor tháinighis ar mo thuairisc, mar budh beag dem thinneas a bhí ort: ní rabhas féin ná an cor a bhí orm ag déanamh aon mhairge dhuit. Tinneas na circe ort ná fanfadh socair tamall éigin: an mío-shuaimhneas is an fuaidreadh bhíos uirthi nuair bhíonn ar tí uibh do bhreith. Tá tinneas air is nár imthighidh sé dhe, lé duine go mbíonn cúirimidhe an duine thall ag déanamh buadhartha dho. Tinneas fiacail is diachair innte, deirtear leis an dtinneas san nuair théigheann sé chun faid slighe is go samhlófaí ná beadh aon leigheas air. Lé duine bheadh ghod ghiobadh, ag cur isteach ort, etc., déarfá, "b'fhéidir go gcuirfinn-se tinneas cluaise ort", agus tinneas diachrach é sin. Fágfaidh do bhóithre aite tinneas cluaise ort-sa: beir ina n-aithreachas agus díolfair go daor asta. Bíonn tinneas a cloinne ar an máthair i gcómhnaidhe: imshníomh: í ag síor-chuimhneamh ortha, is ghá buaidhreamh féin i dtaobh a saoghail. "Ceiridhe leighis le tóin gan tinneas", ag déanamh leighis do rud nó do dhuine ná bíonn gábhadh ar bith leis, mar bheadh lé linn dúmais nó barr peataidheachta. Má tá tinneas an chogaidh ar éinne is air é, aon lag ní théigheann air ach ghá chur trí chéile: buaidhreamh: suathadh aigne. Ná cuireann aon rud aon tinneas ort? – bás cómharsan, buaidhreamh nó dochar an duine thall, nó aon rud in ao'chor?: ná músclann truagh nó taise ionat?: ná goilleann ort? Tá a mac ag cur tinnis ortha, ní bhfuaireadar aon scéala lé fada uaidh: buaidhreamh aigne: ní fhéadfaid gan mísheól nó iomard éigin do thárlachtaint do do mhachtnamh. Imthighidh libh ar marcaidheacht ná bím-se ag cur aon tinnis oraibh bheith ag triall i gcois: ná cuireadh sé imshníomh, mearbhall ná suathadh aigne oraibh. Nílim do neach ar bith, agus is fada riamh go rabhas, ag déanamh tinnis d'éinne: ní fheadraid beó nó marbh me, agus is cuma leó: garbhuaic nó corruighe aigne ní chuirim ar neach. Is breágh an aigne do thug Dia dho ná gaibheann sé tinneas d'aonnidh: ná corruigheann aon rud a shuaimhneas aigne. Cuirfeadh sé tinneas cinn ort bheith ag éisteacht leis: leadránach ina chainnt nó gan aige ach futa fata. Cuirfidh an cheannuightheóireacht so tinneas ina bholg gheóbhair amach: raghaidh sí ina choinnibh: raghaidh sé chun deiridh dá druim. Tinneas cléibhe go gcuiridh sé ort!: iomard cuirp. An tslighe chaitheann sé airgead go hait, amadántamhail cuireann sé tinneas cléibhe orm: goilleann sé ar mo chroidhe go mór. Cuirfidh sé tinneas fuail uirthi maran féidir léi a hinghean do chur mar chéile san áit úd a shanntuigheann sí: beidh sí go mío-shásta, buadhartha. Raghaidh sé chun tinnis do mara gcuirir suaimhneas air: déanfaidh sé mío-shuaimhneas is buaidhreamh do: beidh sé ag cuimhneamh air is ag suathadh a aigne leis. "Connus tá agat?" – "gan tinneas!": braithim go maith. Fuaireas an láir i dtinneas, is ní fhéadfadh sí an searrach do chur di: an pian uirthi a leanas breith a hóige. "Tadhg ag déanamh cloinne, is a dtinneas ar Dhómhnall", ars an té a bhí ag bruic le chloinn dhuine eile, nó a bhí ag fulang ar son duine. Ní thairringeann sé leabhar ná peann chuige ná puinn dá dtinneas air: aon mhairg ní chuirid air: ní chaitheann sé smaoineamh ná aimsir leó. D'imtheóchainn gan greim d'itheadh mara mbeadh duine éigin bheith im thinneas: go rabhas ag cur imshnímh air go mbeadh ocras orm is a sholáthruigh dom. Tabhair ádhbhairín don leanbh san, ní bhíonn neach ina thinneas: ag cuimhneamh air an mbeadh

nó ná beadh aon rud ag teastáil uaidh. Lé tinneas do chuireas mo bhrat orm is bhuaileas amach d'fhéachaint an bhfaighinn aon tuairisc air, ó ná raibh sé ag teacht: imshníomh: corruighe míoshuaimhneasach aigne go raibh mísheól éigin éirighthe dho. Anchúinse dochtúra a choimeád an fhaid sin fé thinneas é nár thug deoch shuaimhnis do: anródh cuirp. Cuireann na gloinidhe seo tinneas im shúilibh, ní oirid dom: goillid ortha. Beidh tinneas anois orm go mbeidh bean agam: fonn mór ná maolóchaidh go dtí san. Ní mór an tinneas budh ghábhadh do chur ort dá mbeadh aon chiall agat is gan bac tharais: b'fhusaide dhuit gan pioc dá dhuadh d'fhagháil. Ná faigh-se aon tinneas dom-sa, is fearr liom gan aon bhaint do bheith agam liom: ná teangmhuigh liom ná lé haon rud is liom. Fágfaidh an buille úd tinneas air: goillfidh sé air go ceann tamaill. Is ró-bhaoghalach mara gcuirir do chuid feádhann uait go gcuirfead-sa tinneas léd shaoghal beatha ort: go ndéanfad rud éigin a bheidh ag teacht leat choidhche. Tinneas croidhe, fiacaile, súl, cluaise, béil, cinn, droma, builg, croicinn, goile, clainne, gamhna, etc., etc.

tinneasmhar: *a.* imshníomhach, mairgeach, goilleamhnach, goirtightheach. Nách tinneasmhar atáim ag dul duit ná féadfá aire do thabhairt dod chúram féin agus leigeant dom-sa: nách mór mar ghoillim féin is mo ghnóthaidhe ort: táir ghod bhuaidhreamh féin i dtaobh rud ná baineann leat. Creid uaim-se go bhfuil an cúrsa so ag dul níos tinneasmhaire do 'ná mar leigeann sé air: go bhfuil sé ag déanamh breis bhuadhartha dho. Ná bí chómh tinneasmhar san i dtaobh a chailleamhna, ní fiú biorán is é: ná cuireadh sé an oiread san mairge ná imshníomh ort. Mo righe clé chómh tinneasmhar san lé hádhbhar laetheanta anois is ná fuilngeóchainn teangmháil leis: doig ann: pian marbh, cómhnaidhtheach. Cos thinneasmhar a bhí aige nár bh'fhéidir do leigheas, is caitheadh a gearradh: go raibh galar ceangailte innte. Téigheann an saoghal mór go tinneasmhar do: leigeann sé do rudaidhibh ná bíonn aon bhaint, gnóth ná cúram aige leó buaidhreamh do chur air.

tinneasnach: *a.* géibhineach, ceann-uaiscneach, fotharagach, mear, dásachtach, éigneach. Ní raibh am ná aimsir aige stad mar bhí glaodhach tinneasnach fachta aige bheith in áit áirighthe ar sprioc-am: géibhineach: ná foidhneóchadh moill ná siléig. Ar an ndeabhadh tinneasnach a bhí air níor bh'fhuraiste dho cuimhneamh ar go haonnidh a theastuigh uaidh: fuadrach, gan eaga do ghlacadh, ná brath roimis. Cuireadh an teicheadh go tinneasnach orm, budh gheairid Dia liom na cosa do bheith agam gan oiread is féachaint tharm: mear, tapaidh. Fuair sé bualadh tinneasnach ó scata aca go raibh díomas dhá chothughadh aca dho lé fada: uathbhásach.

tinneas(n)aighe: *b.4.* deifir, deithneas, buaidhreamh, imshníomh. Shaoileas go mb'fhéidr gur mhaith leat cabhair do thabhairt do, is a thinneas(n)aighe a bhíteá ag cainnt ina thaobh: an truagh a bhíodh agat do, is an buaidhreamh aigne a bhíodh ort aige. A thinneas(n)aighe is bheadh sí nuair bhíodh sé amuigh thar na tráthannaibh: an neamhshocracht aigne agus an suathadh ar eagla gurb aon mhío-thapa a thárlaidh do.

tinnidheacht: *b.3.* leóchaileacht, motháilt dhiachrach lé teangmháil. Annsan díreach anois atá an tinnidheacht is gan rian ná at ná lasadh ann, braithim ghom ghortughadh thu: neamhfhulang teangmhála trí ghortughadh, galar, etc. Cé go bhfuil an chneadh cneasuighthe tá tinnidheacht fós ann: motháilt ghoirtightheach. Ó bheith ag scríobadh

dem mhuilchirte tháinig tinnidheacht im righe: goirgeacht cneasa: go mbraithfinn pian ar theangmháil leis.

tiobrait: *f. n-dh.* áit go mbíonn tobar nó toibreacha. Gheóbhfá uisce maith thiar i dTiobrait.

tíochtain: *b.3.* teacht, sroicheamhaint. Ní mhairfidh sé lé tíochtain an dochtúra, tá sé ró-imthighthe: teacht, sroichstint. Ar thíochtain d'aois dom beidh ceart agam ar mo chuid airgid féin: ar rángachtaint in aois fir.

tiodhlacadh: *f.* (-ctha *iol.* –chaidhe) tabharthas ón Spioraid Naomh don duine, bronntanas, buaidh, dul i bhfochair, i bhfarradh, chun cosanta mar chómhartha cúirtéise. Seacht dtiodhlcaidhe an Spioraid Naoimh – tuisgint, eagla, cómhairle, neart, eólas, diadhacht is eagla an tighearna: tabharthaisidhe spioradálta bronnta ar an bpeacach. Téighimis ag tiodhlacadh na marbh: ag adhlacadh: i sochraid: i gcómhairighe. B'fhearra dhul agus é do thiodhlacadh abhaile, tá an oidhche an-dhorcha: dul ina chuideachtain agus chun cómhluadair, cosanta, etc. Agus iad ghom thiodhlacadh 'on phríosún, thugas iarracht ar éalódh ach do theip orm: ghom threórughadh, iomchar, sheóladh. Ag tiodhlacadh na mbó 'on ghort: ghá seóladh ann.

tiodhlaicim: *b.a.* bronnaim, tugaim, toirbheirim, seólaim, coimhdighim. Cé thiodhlaiceóchaidh abhaile an dall bocht so?: cé raghaidh ina fhochair d'fhonn is ná himtheóchadh aon mhísheól air. Tiodhlaiceann báid treasna an bhealaigh iad: iomcharann. Tiodhlaiceann luingeas cogaidh áthraighe cogaidh treasna na bóchna in aimsir chogaidh: téighid ina bhfarradh ar an dturus chun a gcosanta ar an namhaid.

tiodhlaictheach: *a.* (**tiodhlacthach**) seóltach, cosantach, bronntanach, laimhthighiseach. Ná caillimís ár meisneach, tá Dia tiodhlaictheach tabharthach: laimhtighiseach, fial. An té go mbíonn an lámh thiodhlaictheach aige, ní fhéadfadh sé a crapadh: fial, bronntanach.

tiodhlacthóir: *f.3.* bronntóir, comaointeóir. Ní raghad 'on tsochraid sin, beidh mo dhóthain tiodhlacthóiridhe dem cheal innte: daoine a iomcharóchaidh an corp nó a raghaidh ina fhochair go dtín roilig. Ná bíodh aon eagla ort go bhfuadóchaidh éinne thu, tá tiodhlacthóir maith agat: duine a dhéanfas cuideachta is cosaint duit. Ní mór a bheidh de thiodhlaictheóiridhibh 'on teampall leat: ghod iomchar: id shocraid.

tiomáinim: (**tiománaim**) *b.a. & n-a.* seólaim, cuirim uaim, ar, chun siubhail, leanaim ar, saigheadaim chun cinn, stiúraim, dírighim, smachtuighim, cuirim iachall ar etc., ruagaim, díbrighim. Cé thiománfaidh an gluaisteán? níl aon eólas agam-sa air: a chuirfidh ar siubhal í, a dhéanfaidh í do stiúradh is do choimeád fé smacht. Tiomáin na ba 'on tuar: seól ann iad. Cad thiománann an traen?: cad chuireann ar siubhal í: a chuireas ag gluaiseacht í. Tiomáin duine éigin ag triall ar an ndochtúir, tá gábhadh ag an nduine seo leis: cuirtear duine chuige go pras ag glaodhach air. Pé duine a thiomáin an tairnge sin níor bh'aon tuata é: a chuir i ngreim é lé cómhacht buailte etc. Tiomáineadh ó thigh is ó threabh iad gan truagh dhóibh cá dtabharfaidís a n-aghaidh: ruaigeadh. Cad thiomáin an treó mhalluighthe sin thu, nó an raibh a fhios agat cad bhí agat dhá dhéanamh?: cad bheir

duit?: cad a chuir ort é do dhéanamh? Tiomáin an capall isteach ’on stábla: cuir air dul isteach. Nár mhór an strán is an t-olc a bhí air gur thiomáin sé a chos tríd an ndoras nuair ná osclófaí dho: gur chuir tríd í lé neart cuirp. Ná déin aon stad, tiomáin ort, táir ag déanamh go maith: lean ar aghaidh, ar an bhfuadar atá fút. Imtheóchaidh sí díreach mar an deatach a tiomáintear leis an ngaoith: leighfidh. Má leanann sé des na feádhannaibh atá fé tiomáinfear as an gceanntar é: ruaigfear: díbreófar. Tiomáin chun siubhail ón ndoras iad san, is mithid d’aon dream meastamhail bheith ina gcodladh anois: ruaig iad: cuir d’fhiachaibh ortha imtheacht. Thiomáineas chun bóthair: chuireas díom. Tiomáin leat, níl fonn ar éinne tu do stad: lean ort. Tiomáin leat (ainmhidhe, gluaisteán, etc.): luathuigh. Thiomáineas rómham gan aon nath do chur san éigheamh a bhí orm taobh thiar díom: leanas liom: níor staonas den bhfuadar do bhí fúm. Thiomáin sé an chaid tharm: is sia chuir sé í lé poc nó lascadh. “Tiomáinid leó asal na ndilleachta, glacaid damh na baintreabhaighe mar gheall” (Iob XXIV. 3): beirid leó. Má éistir leis sin agus cluas do thabhairt do tiomáinfidh sé chun an chnuic thu!: ní fhágfaidh sé luid céille agat. Éinne a chaithfeadh aon tseal ina chuideachtain siúd thiomáinfí chun an diabhail é: raghadh a chómhluadar chómh holc san do go raghadh sé chun an donais. Ó bhonn mo chos go mullach mo chinn tiomáineann an tinneas piantach so tríom: gaibheann tríom go luath mear gan aon rud dá chosc. Ná tiomáin as mo mheabhair me lé scéaltaibh gan buanadhas, an measair go gcreidfinn iad?: ná cuir dem aindeóin gan chiall me. Tiomáin rómhat iad mar dhéanfá scata caorach: teanntuigh: cuir d’fhiachaibh ortha gabháil mar ar mian leat. Ní thiomáinfidh an saghas san cainnte i ndiaidh mo chúil me: ní chuirfidh me ón ionad atá agam dem aindeóin. Tiomáin-se is treabhfad-sa: giolluigh-se na capaill is díreóchad-san an céachda. Tiomáin abhaile í: beir í i ngléas iomchair chun a tighe. Treabhaidís mar a dtiománaid: an rud do chuireadar rómpa gabhaidís leis.

tiomáint: *b.3.* seóladh, giollaidheacht, teanntughadh, ruagadh, díbirt, stiúradh, díriughadh, smachtughadh, greitheal; gluaiseacht fhuadrach, fothragach; ionnramháil shuaidhte; coimheascar dian. Cé raghaidh ag tiomáint an chapaill, ghluaisteáin, etc.?: ghá ghiollaidheacht, stiúradh. Ag tiomáint na mbó ’on chródh: ghá stiúradh is ghá dtreórughadh isteach ann. Ag tiomáint an tairnge do bhuaileas me féin san órdóig: ghá chur trí adhmad, etc., lé buillidhibh. Ó mhaidean indiu tá sí ar tiomáint gan aon stad dhul uirthe: pé rud atá ar siubhal aice tá sí ghá dhéanamh go fuadrach gan puinn suaimhnis do thabhairt di féin. Díreach agus iad ag tiomáint teachtaire ar mo thuairisc bhuaileas chúcha: ghá chur. Nár mhór an tiomáint ar dhigh é go raibh seisear ghá riar ar dhalladh: an glaodhach mear, tapaidh is an t-ól air. Daoine ag gluaiseacht chun bídh tráth lóin sa chathair beir leat go mbíonn tiomáint aca: go mbíd ag gluaiseacht go mear, tapaidh: greitheal ortha. Maran mbeidh tiomáint ag an dá fhoirinn sin chun na craoibhe do ghnóthughadh ar a chéile ní lá fós é: coimheascar ná beidh magadh ná fastaoim ag baint leis: bualadh cealgánta. Maran raibh tiomáint ag an bpíp dhá fhagháil uaithi!: ní mór go bhfeicfeá an tseanbhean lé deatach aiste: í dhá tharrac go te tiugh. Is áidhbhéil an tiomáint atá tímcheall na cathrach lé breis is mí anois, eitealláin ag scaoileadh tonnaidhe pléascán, gunnaidhe móra ag rúscadh, saighdiúridhe ag ionnsaidhe is ag aithionnsaidhe ar nós deamhan: an gleódh is an coimheascar fíochda. Oiread san armála dhá dhéanamh i Sasana anois is oibre go bhfuil tiomáint ar airgead ag an té atá ábalta ar é do thuilleamh: é lé fagháil ar a dhéanamh. Gheóbhair tiomáint ar iasc ar an mbannc so: tarrac air: beidh sé ag breith chómh tapaidh is fhéadfair géaga do thabhairt do nó teacht air. An saghas san

giobaireacht atá ag tiomáint mórán chun an donais is ólacháin: ghá ngríosughadh: ag cur iachall ortha ólachán do dhéanamh mar fhaoiseamh ar a mbuaidhreamh. Cuirfead-sa ag tiomáint a earbaill trí n-a ghabhal é: cuirfead eagla a chroidhe air. Ag tiomáint léighin ina cheann cipín, rud nách féidir: d'iarraidh a chur. Tugadh tiomáint an anama dho lé linn do bheith ag labhairt ar an árdán, le búithrigh, feadghail is ceisteanna: suathadh. An diabhal féin de thiomáint do bhí aca ag argóint lé chéile: thugadar go cruaidh is go dian dá chéile é. Ní dheaghaidh aon athrughadh air, tá sé sa tiomáint chéadna fós ag ól leis: ar an aiste ait chéadna. Bhíos ag tiomáint liom ar mo shuaimhneas feadh an bhóthair gan mhairg sa tsaoghal orm: ag gluaiseacht. Ní deacair é do chur ar tiomáint, leig do féin: is furaiste é do chur chun seaghamtha: ag cainnt etc. Bain tiomáint as an gcapall go bhfeicead connus bheireann sé a chosa leis: babhta sodair, reatha nó ráis. Fan ag baile níor mhaith liom an tiomáint seo do bhaint asat in aistear: turus go leanfadh deabhadh nó imshníomh é. Beidh tiomáint ar stoc an chéad aonach eile dréir na bpáipéar: glaodhach. Ná bíodh an iomad tiomána fút ar eagla go ndeánfá do bhotún: gluaiseacht. Cad do chuir an tiomáint gháiridhe oraibh?: racht: pléascadh. Nách oraibh atá an tiomáint leis an mbiadh, budh dhóigh lé duine go raibh gorta oraibh: deabhadh mío-chuibheasach. Cuirfidh an teine seo tiomáint fén gciteal: ag fliuchaidh gan ró-mhoill é. An í do thuairm go bhfuil an tír ag tiomáint chun cinn?: ag dul i bhfeabhas: ascnamh dhá dhéanamh. Eagla mo chroidhe orm go bhfuil an tinneas diabhalta úd ag tiomáint chugham airís: ag teacht fém dhéin. Is mór an tiomáint ar bháistigh é: í ar siubhal ar feadh i bhfad.

tiomairgthe: *a.r.* bailighthe, cruinnighthe, cnuasuighthe, crapaithe. Slóighte na dúthaighe tiomairgthe ar an dteórainn chun cosanta do dhéanamh: an uile fhear bailighthe ann. An t-arán, idir brúscar is uile, tiomairgthe aige ina mhála: bailighthe isteach ann in iomláin. Ní haon amadán é sin, a chuid airgid tiomairgthe aige in ionad a bheith caithte ar ólachán: cruinnighthe curtha i dtaisce. Má tá gach aonnidh a theastuigh uait tiomairgthe chughat anois agat bímís ag cur dinn: curtha lé chéile. A bhfuil de dhaoinibh tiomairgthe isteach 'on tigh: brúighte, palcuighthe.

tiománaidhe: *f.4.* gíománaidhe, giolla, stiúrthóir, dírightheóir. Tiománaidhthe stuic: dream a sheólas ainmhidhthe ar mhargaidhibh tamall ó bhaile. Ní ceart do dhuine bheith ina thiománaidhe dian ar chapall shochma, fhéicheamhanta: giolla: duine a bhíos ina dhiaidh ag baint oibre as is a leithéid. Tiománaidhe an ghluaisteáin: an té a ionnramhálas a gléasraidh is a smachtuigheas í. D'árduigh na tiománaidhthe leó a raibh agam: baillidhe an chíosa is a gcúlaistidhe, a lucht baitínidhe.

tiomanta: *a.r.* fágtha lé hudhacht, dearbhtha, suimeanta, curtha fé choimirce; tugtha suas do. Is fuar iarracht do thabhairt ar é do chosc, tá sé tiomanta ar é d'fhógairt gur cladhaire é: dearbhtha: é suidhte, meáidhte ina aigne go láidir aige. Seachnadh gach éinne é féin air anois, tá sé tiomanta: dearbhtha aige go sollamhanta go ndéanfaidh sé sceanach, ár, díoghbháil etc. Truagh Mhuire é ná a leithéid eile atá chómh tiomanta chun an óil, ná go gcaitheann an uile phinginn a thuilleann sí is ná féadann a shéanadh: tugtha dho: imeartha chuige. Fear a bhí chómh tiomanta leis chun a chuid oibre b'ait liom é do thabhairt suas gan chúis gan adhbhar: luighte claoidhte léi. Aon rud go mbíonn duine buile tiomanta air ní haon dhóighthín é: go mbíonn sé leagtha ar a dhéanamh. Seo leabhar atá tiomanta fé choimirce mhuinntir na hÉireann: curtha in eagar ar a son lé meas ortha agus urraim

dóibh. A bheatha tiomanta aige chun De: ghá caitheamh ag déanamh tola Dé agus deagh-oibreacha ar son Dé. Eaglais tiomanta chun Dé: leagtha amach chuige sin.

tiomantóir: *f.3.* duine a fhágas rud lé hudhacht, a dhéineas udhacht; malluightheóir, mallachtóir; duine mionn, oirbhire. D'fhág an tiomantóir a chuid ag an bhfear ceart; bainfidh sé súghlach as. Éist do bhéal, a thiomantóir, maran ort ná fuil an náire, id bhadhbhóir gan scrupal gan mánlacht: duine a raideas mionna móra is eascainidhthe. Budh dhóigh leat gur cheart don dtalamh an tiomantóir do shlogadh ar gach mallacht a chuireas as.

tiomantóireacht: *b.3.* do thabhairt moinn mór, eascainidhthe, mallacht, badhbhóireacht, áidhbheirseóireacht. Is eól don saoghal í do bheith ait, ní thógann éinne ceann dá thiomantóireacht: a gairm ar Dhia go sollamhantach go ndéanfadh so súd. Chrithfeá nuair chloisfeá ag tiomantóireacht é, Dia, a anam 'san diabhal 'na bhéal do shíor: ag eascainidhe is ag tabhairt mallacht.

tiomargadh: *f.* (*-gtha*) do bhailiughadh, do chruinniughadh, do chómhmóradh, cnuasach; smachtughadh ,cosc, connlughadh. De thigh tuatha tá tiomargadh leabhar ann chómh breágh is chidhfeá in áit ar bith, is beag adhbhar ná go bhfuil leabhar ann ag tagairt do: bailiughadh, cnuasach. Cuireadh tiomargadh ar a raibh d'iascairidhibh sa cheanntar chun a ngearánta d'éisteacht: fógradh chun a dteachta ar aon láthair. I dtúis is cóir tiomargadh, i ndeireadh thiar b'fhéidir do bheith ró-dhéidheannach: cur i dtaisce. Is minic gurb é an té is sprionnlaithe go mbíonn gach éinne ag tiomargadh chuige, mar bítear go minic chun siopadóra ná faightear ádh ná ealadha air: ag bailiughadh chuige ag ceannach uaidh. Dá mbeadh aon tiomargadh ar a chuid aige ní leaghfadh sé air mar dhein: cruinneáilt i dtaisce. Chruinnigh sé pingnidhe ag tiomargadh ó thigh go tigh – min, prátaidhe, uibhe agus rud: ag bailiughadh.

tiomargaim: *b.a. & n-a.* bailighim, cruinnighim, connluighim, cnuasuighim. Do thiomarg bochtáin na dúthaighe chun a dhorais lé biadh d'fhagháil: bhailigheadar as gach áit. Dá mbeadh sé in oileán mhara thiomargóchadh sé airgead lé dícheallacht chun an tsaoghail: chnuasóchadh. Tiomargadh ar bh'fhéidir díobh isteach san áit chumhang úd gur dhóigh lé duine ná faigheadh a leath slighe ann: dingeadh, connluigheadh.

tiomargan: *f.1.* bailiúchán, cnuasach, beartán. Caitheadh amhras air toisc tiomargan do bheith fé n-a oscail aige díreach thar éis na gadaidheachta do dhéanamh: beartán: traidín. Sin é mo thiomargan-sa, ní mór é ach lé deaghchroidhe é: an síntiús atá beartha liom agam. Ní beag ná suarach é do thiomargan amhrán: cnuasach. Is iomdha tiomargan maith do thug sé chun an tighe: foiscealach.

tiomargtha: *a.r.* bailighthe, cnuasuighthe, cruinnighthe. A raibh de mhaoin tiomargtha aige i rith a bheatha níor bh'fhuraiste a chómhaireamh, mar ná raibh scaipeadh ná caitheamh ann ach fíor-chruinneas: bailighthe: curtha ar a chéile. Na cnocáin mhóra leabhar san tiomargtha aige lé fiche bliadhain ó chathair go cathair: cnuasuighthe annso is annsúd.

tiomna: *b.* d'fhágaint lé hudhacht, dáileadh, ceapadh, d'fhógairt; aithne, órdughadh. An tSean-Thiomna agus an Tiomna Nuadh: foillsiughadh toisc Dé don duine. Ar chualaís ghá thiomna féin é? tá droch-fhuadar fé: ag tabhairt mionn: ag dearbhadh go ndéanfadh díth nó díoghbháil do dhuine nó do nidh éigin. Go saoraidh Dia sinn ar a fheirg, nuair bhíonn buile air, is uathbhásach bheith ag éisteacht leis ag tiomna daoine don diabhal: ghá bhfógairt. Ag tiomna a bheatha dhi ar chealgán a ghlúin lé grádh dhi!: ghá thabhairt féin suas di: ag dearbhadh is ag geallamhaint di.

tiomnaim: *b.a.* fágaim lé hudhacht, bronnaim, fógraim, tugaim suas do. Éist anois, bíodh foidhne agat, b'fhéidir duit do bheith mí-cheart ná tiomain thu féin go mbír deimhnightheach: ná crom ar dhearbhughadh dar so súd go ndéanfá aon díth. An lá tiománadh ar m'fhód dúthchais me is gur bochtnughadh chómh dealbh lém bhais me thiomnuigheas go mbeadh cúiteamh agam, agus beidh: dhearbhuigheas i láthair Dé. Tiomnuighim don diabhal thu is ar bhain leat, beann madra níl anois agam ort, ach ní rabhas mar sin tamall: fógraim do thu, soir siar: a dhubhslán fút do dhícheall do dhéanamh. Tiomnuighim, maidean is tráthnóna, mo chorp is m'anam chun Dé Mhóir na glóire: cuirim go humhal ar a choimirce iad. Tiomnadh an eaglais nuadh do Lorcán Naomhtha: cuireadh í fé n-a choimirce, go gcuireadh bail is beannacht uirthe. Chuir sé áthas croidhe orm gur thiomain (tiomnuigh) an Tighearna Easbuig a bheannacht dom: gur thug dom í. Is mór ar fad an meas atá aige air féin gur tiomnadh an leabhar nuadh so fé n-a choimirce: gur luadhadh a ainm ina thosach lé mór-mheas agus urraim do an saothar.

tiompán: (**teampán**) *f.1.* gléas ceóil mar bheadh cearn, cnoc maol, scannán na cluaise idir a hoirthear sa hiarthar. "Is mairg a loiscfeadh a thiompán leat", mar dubhairt an ceóltóir lé n-a mhnaoi agus í mí-chéadfadhach, mío-shásta thar éis a dhóghadh a gléis ceóil chun an fhuachta do chongbháil uaithi: is mairg an té a reiceas a mbíonn d'éinne gan machtnamh an fiú é do dhéanamh. Más an tiompáin, cnoc ar ghualainn thuaidh Chnuic Bhréanainn. Beir go hiongtach, ach fanacht id shuidhe annsan ar do thiompán is gan faic do dhéanamh: tón.

tiomsughadh: *f.* (*-uighthe*) do theanntughadh chun a chéile, do bhailiughadh, do chruachadh, do chnuasach; bailiúchan, clais. Peictiúir ar an bpáipéar d'fhearaibh ag tiomsughadh mhóna ina cruaich mhóir, áidhbhéil: ghá bailiughadh anáirde ar a chéile. Ag tiomsughadh na leabhar lé chéile go raghadh breis díobh ar an siolpa: ghá ndruideam lé chéile go dlúth. Beidh tiomsughadh mór daoine ar an gcruinniughadh san ag brath lé stiúradh is treóir: pobal. An breitheamh ag tiomsughadh na fínéachta: aithghiorra do dhéanamh uirthi: í chruinneáilt is do chóiriughadh in eagar lé haghaidh na breithe. Is iomdha slighe chun tiomsuighthe airgid agus fairír, ní hí an tslighe mhacánta í: do bhailiughadh ar a chéile. Faid agus táim im bheathaidh níor chuala a leithéid de thiomsughadh bréag i mbéal éinne: an t-éitheach dearg ar gach cor aige. Is fada é, agus a fhios agam, ag tiomsughadh an uilc dom: ghá chothughadh is ghá bhailiughadh.

tiomsuighim: *b.a.* teanntuighim, bailighim, cruinnighim, cruachaim, cuirim lé chéile, cóirighim. Thiomsuigh sé na cora cainnte sin go léir aige as leabhar éigin: bhailigh: thóg as is d'fhoghluim iad. Tiomsuigheadh lé ciumhais na habhann iad mar a rabhadar i gconntabhairt dul thar scéimh: bailigheadh, tiomáineadh, teanntuigheadh. Tiomsóchaid

ná bíodh faitchíos ort, a luaithe in Éirinn agus chidhfear dóibh go mbeidh rud éigin lé fagháil aca: baileochaidh ina sluaightibh ar aon bhall. Tiomsuigh do cháirde chun do bhainise: bailigh iad lé cuireadh do thabhairt dóibh. Ní mór a thiomsuigheann sé as an rud, níl aon ádh air: thairbhigheann lé. Thiomsóchadh sé airgead ina chnocánaibh mar a bhfaghfá bás leis an ndearg-ghorta, tá an oiread san díchill chun an tsaoghail air: scríobfadh is chruinneóchadh lé gliocas is saoghaltacht. Cár thiomsuigh sé a chuid eólais ar fad? níl aon rud go labharfá faoi ná go bhfuil tuigsint éigin, beag nó mór, aige air: cár chuir lé chéile?: connus fuair sé é? Tiomsóchaidh eólas i gcómhnaidhe don eagna: an té go mbíonn ciall aige méaduigheann eólas chuige.

tiomsuighthe: *a.r.* bailighthe, cruinnighthe, teanntuighthe, cruachta, cnuasuighthe. Sin crudh a thuitfidh, níl sí féin ná an crúb tiomsuighthe ar a chéile i gceart: luighte lé chéile. Bheadh truagh agat dos na hainmhidhthibh bochta tiomsuighthe ar a chéile sa charbad chumhang: teanntuighthe, palcuighthe. Is iomdha san áit go bhfuil pingin is púnt tiomsuighthe aige as: bailighthe: curtha lé chéile. Tá an t-airgead an fhaid sin i mbannc anois go bhfuil tiomsuighthe chun dhá mhíle púnt: carnuighthe. Lá an chomórtais bhí suas lé dathad míle pearsa tiomsuighthe tímcheall chróidh na himeartha: bailighthe go dlúth cúláisteach. Deirtear go bhfuil an namhaid tiomsuighthe anois ar lár na cathrach, ghá hionnsaidhe: dírighthe: a cómhachta bailighthe ina aghaidh.

tiomsuightheach: *a.* bailightheach, cruinnightheach, claoidhteach. An bhfuil aon rud is tiomsuighthighe ’ná an salachar, bailigheann sé ar gach aon chao: claon lé cruinneáilt i bhfochair a chéile. Níor ghlac neach riamh airgead ina ghlaic is tiomsuighthighe ’ná é, cuireann sé gach feóirling chun suime: is cruinne chun a chur lé chéile.

tiomsuightheóir: *f.3.* bailightheóir, cruinnightheóir, cnuastóir. Tiomsuightheóiridhe saidhbhris is maoine na ceannaidhthe sin gan scrofal ná coguas, ach ag tarrac chúcha moch mall: bailightheóiridhe. Aon tigh go mbeadh a leithéid de thiomsuightheóir ann ní bheadh sé in easbhaidh, budh dhealbh an áit ná go mbéarfadh tiomargan éigin as: soláthraidhe. Aicíd is milleadh dar lé mórán tiomsuightheóiridhe cánach: bailightheóiridhe. Ar an bhfáilte a chuir sí rómham budh dhóigh lé duine gur tiomsuightheóir ceirteach me, ní mór ná gur chaith an t-uisce te orm: duine a bheadh ghá mbailiughadh ó thigh go tigh. Mara raigheadh sé ach ’on cheárdchain bheadh nuadhacht aige, a leithéid eile de thiomsuightheóir bhriolla bhrealla níl annso: cnuastóir: fear díoghlama.

tionnabhradh: *f.1.* (*-bhraidh*) srúmatáil, míogarnach, grúntáil. Ghaibh an t-airneán an barra buadha orm agus thuit tionnabhradh beag codlata orm dem aindeóin, go dtángthas isteach gan me do bhrath éinne: thuit néall beag orm gur dhúisigheas uaithi: thuiteas ar aiste bheith idir chodladh agus dhúiseacht. Tagann tionnabhradh orm lé mairbhidheacht an tráthnóna: luigheann duilleóga mo shúl ar a chéile chun codlata dem aindeóin. Is iongtach an bhanaltra í, lé trí oidhche anois i ndiaidh a chéile ag freatháil is ag freastal gan tionnabhradh do dhul ar a súilibh: gan oiread agus a súile d’iadhamh ar a chéile chun néall bheag do dhéanamh. Chuir neamh-anamamhlacht an tráthnóna is an méid bídh a bhí ithte aige tionnabhradh air: thuit sé dá chodladh dá aindeóin. Chuir fionn-fhuar an tráthnóna tionnabhradh orm: mairbheacht is buige, claonadh chun suain orm.

tionnabhraim: *b. n-a.* codluighim, srúmatálaim, grúntálaim. Gach aon tráthnóna tionnabhrann sé mar sin sa chathaoir thar éis a dhinnéir, tá an aois aige, tá a fhios agat: tagann sraicidhe codlata air. Gan choinne ná leigheas agam air thionnabhras is níor éirigheas in am: thuit néall bhreise chodlata orm. Tá do mháithrín, a leinbh, in áit go dtionnabhróchaidh go lá dheiridh an domhain: go gcodlóchaidh go suaimhneasach.

tionnlacaim: *b.a.* téighim i bhfochair, déinim coimhdre do, cóimhsheólaim, leanaim i bhfarradh. Tionnlaic thar droichead me, is ar dhoircheacht na hoidhche, is ní mór é m'eólas: tair im fhochair mar threóir is chuideachtain. Is dóigh leat go mairfir go dtionnlacóchair me: go mbeir im shochraid: go mbeir i bhfarradh an dreama a árdóchadh mo chorp 'on teampall. Tionnlacann luingeas cogaidh áthraighe ceannaigh thar farraige chun a gcosaint ar ionnsaidhe bád fé thuinn is eiteallán: téigheann ina bhfochair. Tionnlaiceóchaidh sé chun an diabhail iad má leanaid dá chómhairle: treórochaidh, meallfaidh.

tionnlacan: *f.1.* dul i bhfochair nó i bhfarradh chun cuideachtan nó mar choimhdre. Ní fearr liom bheith ag baile 'ná dul ghod thionnlacan tamall den slighe: siubhal leat mar chuideachtain. Scaram lé chéile, is ná bíodh tionnlacan na n-óinseach againn: mar bheadh bean ag dul tamall den mbealach lé mnaoi eile fá dhéin a tighe sin mar chuideachtain agus ise ag filleadh leis an gcéad mhnaoi a chromfadh ar filleadh léi-se airís, agus ar sin de. Fuair sé tionnlacan dómhnaigh is nách aoibhinn san: adhlacadh. Ná raghair ag tionnlacan na marbh? ní fios cé bheidh nó ná beidh id shochraid féin: ag adhlacadh. Tionnlacan an philibín ó n-a nid atá agat liom: d'iarraidh me do mhealladh ón áit san rud atá uaim go hionad ná fuil sé ar nós an éin a bhíos ag dúmas bacaighe ar léimeadh as a nid do chun go leanfaí é lé súil beartha air is go raghadh an nead nó na gearrcaigh amudha ar an dtóraidhe. Éilighid gur shúncáladar fiche áthrach ceannaigh as an dtionnlacan áirighthe long i bhfochair a chéile fé chosaint long cogaidh, etc., chun a mbeartha saor i gcaladhphort. Níl aon rud is fearr do dhéanamh lé duine ciotarúnta 'ná é do thionnlacan go doras: an doras do theasbáint do: é do chur amach. A scraiste, is beag a bheidh i láthair lá do thionnlacain: lá t'adhlactha. Is iomdha tionnlacan brónach do deineadh an bóthar úd lé hógántaibh a bhíodh ag dul thar lear: dul tamall den slighe mar chómhartha urrama agus mairge iad do bheith ag scaramhaint leo. Budh mhór é a formad leis na mnáibh deaghghléasta, deighéadaigh do chonnaic dhá thionnlacan ag fearaibh isteach doras an tighe ósta: na fir ina bhfochair mar chómhartha deighbhéas.

tionnscal: *f.1.* beart, gréasán, túis, tosnughadh, bainistighe, saothar, oighear ruda do dhéanamh. Choidhche ní dhéanfadh sé aonnidh dho féin, níl aon tionnscal ann: níl oighear a bheatha ann: níl oiread agus teadh ina cheann chun aon rud do bhunughadh ná do thosnughadh. Cailleach gan tionnscal, mo mhairg í mar bhean tighe: ná beadh i ndán cuimhneamh ar aon rud a dhéanfadh maith ná aon chríochnughadh innte. Níl aon rud do chuireadar ar bun ná gur theip ortha 'e cheal tionnscal, lé faillighe is manaois: bainistighe is riar ceart. Aire tionnscail is tráchtála: go mbíonn muirearaighe saothair an phobail air chun maoine do bhunughadh. Brainnse áirighthe tráchtála nó déantúis mar atá tionnscal an tsiúicre. Teipeadh rud air, ní túisce sin ná é sáidhte chun rud eile, tá a cheann lán de

thionnscal: beartanna. Tá mío-ádh éigin riamh ar an mbaile céadna, níor bunuigheadh aon thionnscal ann ná gur theip air: níor tosnuigheadh beart ná obair nár theip.

tionnsclach: *a.* beartach, saothrach, críochnamhail, stuamdha, machtnamhail. Fág fé rud do dhéanamh má dhéanfadh éinne é, tá sé an-thionnsclach, chuimhneóchadh sé ar aonnidh: glic, intleamhail. Aicme thionnsclach muinntir na dúthaighe céadna is beag déantús riachtanach ná go bhfuil dhá shaothrughadh aca: dúthrachtach, dícheallach. Dá dtabharthá aire dhod chúram féin níos minicighe is gan bheith chómh tionnsclach, níor mhistide thu é: eadránach, soilíosach, claon lé bac i gcúirimidhibh iasachta.

tionnsclóir: *f.3.* beartaidhe, beartóir, cúmadóir, ceapadóir, eadránaidhe, gobaire. Pé hé tionnsclóir na hoibre seo, dhein sé fruis frais di, an bhfeacaidh éinne riamh a leithéid d'útamáil?: beartaidhe: an té a shín nó a leag amach nó a léirigh í. Éireannach dob eadh tionnsclóir bháid fé thuinn: an té a chuimhnigh uirthi agus a dhein an chéad cheann. Aon iontaoibh ní bheadh agam as ná go sáidhfeadh sé a cheann ann, tionnsclóir é go bhfuil sé de ghalar air ná féadann aon rud do leigeant tharais: sithire: ladhrálaidhe.

tionnscnaim: *b.a.* beartuighim, bunuighim, cuimhnighim ar, ceapaim, léirighim, sínim amach, cruthuighim, líomuighim, tograim. Cé thionnscain é seo mar shlighe chun éisc do mharbhadh? is maith é: cé bheartuigh é?: cé chuaidh amach air? Lé n-a linn is iomdha rud a thionnscain sé chun a shaidhbhris do dhéanamh, siopadóireacht, feirmeóireacht, díol is ceannach: a cheap nó a chuir roimis. Is í an dúthaigh chéadna a thionnscnuigheann gach achrann, ní bhíonn síoth ná suaimhneas in aon áit go mbíonn a méar aice: a cheapann nó a thosnuigheann. Is í lé n-a méir féin a thionnscnaimh na patrúin gleóidhte gunnaidhe sin: a thairring a ndréacht: a cheap as a stuaim féin iad. Mara seachnair thu féin ar an ndrochbhuachaill sin tionnscnóchaidh sé do mharbhadh: beartóchaidh. Más maith leat bheith buan san áit seo tionnscnaimh beatha éigin eile seachas gadaidheacht: cuir rómhat maireachtaint ar chuma eile.

tionnscnamh: *f.1.* do bheartughadh, thosnughadh, cheapadh, léiriughadh; cóiriughadh, beart, gaiste, láthar, intleacht. B'fhada dhá thionnscnamh aca arm láidir do bheith aca d'fhonn bheith ullamh lé haghaidh broide: dhá mhachtnamh. Caitheann sé a shaoghal ag tionnscnamh cad a dhéanfadh bail na ndaoine: ag cuimhneamh 'sag ceapadh. An ag tionnscnamh mo mharbhtha bheifeá is me do thabhairt an bealach diabhail seo?: ag machtnamh ar me d'ídeach. Tionnscnamh an-mhaith dob eadh muileann do chur ar bun, tá slighe dho is sholáthróchadh sé obair: bunughadh. Seachain thu féin ar thionnscnamh ban, bíd árd-lúbach: cealg-ghliocas.

tionnscnuightheach: *a.* saothrach, intleamhail, dána, beartach. Budh dheacair dream chómh tionnscnuightheach leó d'fhaghail, ní fhágfaidís ball den ndomhan mór gan cuardach ar lorg saidhbhris: saothrach: dána: a raghadh i dtreis aon ghuaise d'fhonn ruda do bheith aca. Duine chómh tionnscnuightheach is mhaireann é siúd, níl aon teannta ina mbeadh sé ná go mbeartóchadh ar rud éigin a bhéarfadh as é: intleamhail: glic chun cuimhnte.

tionntódh: *f.* (*-tuighthe*) iompódh, aistriughadh, casadh tímcheall; cóiriughadh, leagan. Ar thionntódh an tsuip bheadh an chinneamhaint ort: ar phrap na súl: ar an dtoirt. Bhuailfeadh sé thu ar tionntódh na baise, níl aon fhoidhne ann: iompódh: faid bheifeá ag féachaint thart. Chuirfeadh sé tionntódh goile ort, an boladh lobhtha atá uaidh: casadh it aigne: ag úirleacan. Ó mhaidean tá tionntódh air, bhí sé cuibheasach maith go dtí san: casadh ar olcas. Tionntódh ón bhFrainncis go Gaedhealaing an scéal so, ní dóigh liom gur baineadh puinn den mblas bunaidh de: aistriúchán. Measc é agus is eadh is túisce thiocfaidh tionntódh ar an salann: a leighfidh sé. Ar n-a thionntódh go Gaedhealaing ó Laidean do: a aistriughadh. Níl puinn sógha i dtionntódh léine salaighe: an taobh istigh d'iompódh amach.

tionntódhach: *f.1.* aistrightheóir. Tionntódhaigh an bhíobla go Gaedhealaing: a chuir Gaedhealaing air.

tionntuighthe: *a.r.* aistrighthe, iompuighthe, cóirighthe. Tá an scéal tionntuighthe ar do thoil agat, dar leat nách féidir breith amuigh anois ort: cóirighthe, socruighthe. An bhreith a tugadh sa chúirt íochtraigh air tá sé tionntuighthe ag an mbreitheamh so: curtha ar gcúl. Cainnt an-dhoimhin, an-dheacair sa leabhar, níl sí ion-tionntuighthe: rófhuraiste do chur i dteangain eile. Úghdar soi-thionntuighthe seadh é, scríobhann sé go réidh: is furaiste a chainnt do chur i dteangain eile. Is fada tionntuighthe ar ár gcreideamh-ne é: an creideamh a bhí aige tréigthe aige ar son ár gcreidimh-ne. I dtúis ar an bhfuadar a bhí fútha is an dul chun cinn go mbuaidhfidís gan ró-mhoill, anois tá sé go léir tionntuighthe: iompuighthe thar n-ais: táthar ag buadhachtaint ortha. Is fada roime sin do bhíodar tionntuighthe amach as an dtigh: curtha.

tionntuighim: *b.a. & n-a.* aistrighim, athruighim, iompuighim, casaim. Thionntuigh a ghoile roim an bhfuil go léir a chonnaic sé doirtighthe: d'iompuigh: tháinig casadh ina aigne, déistinn aige dhi. An fhéachaint fhiadhain a thug sé orm thionntóchadh sí éinne thar n-ais: chasfadh: chuirfeadh air filleadh. Níor thionntuigheadar riamh ó n-a gcreideamh dá bhoichte bhíodar is dá mhéid an mealladh a deineadh ortha: níor iompuigheadar. Ní thionntóchainn go maith an scéal toisc gan eólas cruinn do bheith agam ar an dteangain: malairt teangan do chur air. Nách gleóidhte thionntuigheann sé gach aon scéal ar a shon féin: chóirigheann: ghléasann: shocruigheann.

tionnóisc: *b.2.* cinneamhaint, gortughadh, iomard. I bhfad uainn an tionnóisc thuit sé le faill is deineadh brúscar dá chnámhaibh: cinneamhaint, iomard gránda, obann. Thárla tionnóisc do is é óg, beag go bhfuil coiscéim bhacaighe riamh ó shoin ann: mísheól: teangmháil gan choinne gan chúis shoiléir. Seachain tu féin, ná héirigheadh aon tionnóisc duit: ná tárluigheadh aon rud duit a dhéanfadh do dhíth ná do bhascadh. Ní raibh sé in aon tionnóisc riamh ná go scarfadh sé leis: mí-sheól nó cinneamhaint a thárlaidh gan choinne. D'imthigh tionnóisc uirthi, d'fhág an fear annsan í: cuireadh ó chrích í. Tionnóisc lom gur bhriseas é: gan aon choinne agam leis is gan pioc dá locht orm.

tionnóisceamhail: *a.* cinneamhnach, mí-sheólach. Nách tionnóisceamhail a éirigh sé ceann barrachta an bhotháin do thuiteam air is é ag baint na cléithe uaidh, dar leis do bhí sí tirim, cruaidh: cinneamhnach: obann gan choinne. Bhuail sé amach as a thigh féin go

sláinteamhail láidir, shleamhnuigh sé ar an bpáile gur briseadh a chos go tionnóisceamhail: go haindeis gan choinne ná cúis shoiléir leis. Shaoghaluigh sí duine cloinne go tionnóisceamhail thar éis í do bheith pósta lé seacht mbliadhanaibh gan bunóc: gan choinne.

tionól: *f.1.* cómhchruinniughadh, bailiughadh, cómhmóradh; cómhdháil, scata, diorma, dream, arm. Lá an tionóil, caithfeam cúiteamh do thabhairt in ár gcionntaibh: lá an tsléibhe: lá na breithe nuair baileófar an chine daonna ar aon láthair. Sa láthair sin bhíodh cóimhthionól rinnce lé linn m'óige gach Domhnach: bailiughadh fear is ban. Cuireadh tionól ar na Teachtaidhibh Dála chun cúrsaidhe an toghaidh do chriathairt: gairm scoile: iarradh ortha teacht in aon bhuidhin ar aon láthair. Is subháilceach, suairc an tionól sibh annsan, lé nbhur mbraon dighe is gan focal goirgeach as éinne agaibh: an cruinniughadh i bhfochair a chéile. Ag tionól ógánach an pharróiste chun buidhne peile do thoghadh: ghá mbailiughadh i bhfochair a chéile. Ag tionól chloch lé caitheamh nuair ná raibh a malairt budh mharbhtha aca: ghá mbailiughadh chun a chéile. B'áidhbhéil an tionól a bhí ag féachaint ar an imirt: an cómhchruinniughadh daoine. Cuireadh tionól ar an arm go grod chun dul d'ionnsaidhe na namhad ar theórainn na dúthaighe: bailigheadh i bhfochair a chéile iad. Is mór an tionól bronntanas a fuair sí lé linn a pósta: tiomargan mór. An lá bhuailfidh lucht óil leat beir i dtionól mallachtach: ameasc dreama go leanann buadhairt iad. Ag tionól na sluagh chun catha: ghá mbailiughadh is ghá gcur i bhfearas cogaidh. Beidh tionól fáiltighthe roimis ar shroichstint na cathrach do: cruinniughadh.

tionólach: *a.* ag baint nó claon lé tionól. Cuireadh leitir thionólach amach ar fuaid an cheanntair i gcóir an chruinnighthe: chun na ndaoine do bhailiughadh lé chéile. Ceapadh duine tionólach: a bhéarfadh daoine lé chéile ar aon láthair chun cúrsaidhe do chriathairt.

tionólaim: *b.a. & na.* bailighim, cruinnighim, tiomargaim. Tionóladh an cruinniughadh chun beartuighthe ar connus an ghorta a bhí ag bagairt ar na daoinibh do shárughadh: beireadh na daoine lé chéile: cuireadh gairm scoile orthu. Tionólfar Dáil Éireann ambáireach: béarfar na teachtaidhe go léir ar aon láthair. Tionólann na hógánaigh, táid ag tionól riamh is beid go deó mar a mbíonn ceól is caitheamh aimsire: bailighid lé chéile ann ina scataidhibh. Thionólamair a raibh d'fhearaibh in iomchair airm againn chun na namhad do chosc ar sinn d'ionnradh: bhailigheamair i gceann a chéile.

tionólta: *a.r.* bailighthe, cruinnighthe, beartha ar aon láthair lé hintinn áirighthe. Nuair bhí a chlann mhac go léir tionólta tímcheall a leapan aige d'inns sé dhóibh fáth a ghairme: tugtha lé chéile. Bíonn na capaill ráis is fearr in Éirinn tionólta ar an gCuirreach i gcóir an ráis mhóir úd.

tionóltas: *f.1.* cómhdháil, gairm scoile, oireachtas. Indiu lá tionóltais na Dála: an lá go dtagann na teachtaidhe i bhfochair a chéile. Nuair bhí an tionóltas i láthair cheapadar cathaoirleach: buidhean bailighthe i gceann a chéile chun gnótha do dhéanamh.

tionónta(idhe): *f.4.* duine go mbíonn tigh nó talamh ar chíos aige. Is mór gur fearr tigh follamh ná droich-thionónta(idhe): ná díolfadh an cíos.

tionóntacht: (**-aidheacht**) *b.3.* gabháil nó sealbhughadh tighe nó talmhan ar chíos; an fhaid nó an seal a bhíos an tseilbh ag tionóntaidhe. Lé fiche glúin bhí tionóntacht na háite i seilbh mo mhuinntire: bhí buannacht cómhnaidhthe aca. Tionóntacht bheag atá aige, dathad éigin acra: gabháltas.

tionúir: *b.5.* sprochaid nó ceann caol ar bhlúire adhmaid ceapuighthe lé dul isteach i moirtís. Scughadh ró-mhór an tionúir ní ghreamóchaidh sa mhoirtís.

tiop: *f.3.* dobuan, scaoilteacht, maidhm, buagaire. Cuirfidh an t-anbhruithe an tiop ort má ólair an iomad de: scaoilteach. Rith uisce as mar bainfí an tiop as bharaille: ina sconna.

tíorachas: *f.1.* duthamhlacht, eadóirseacht, béascnaidh, míne, saoitheamhlacht. Ní thiocfaidh sé chun tíorachais choidhche beidh sé coimhtheach iargcúlta mar is dual do: chun míne, socrachta. Níl aon scéal dár scrígh sé ná go raibh tíorachas ag baint leó, dá bhrigh sin an bháidh 'san t-éileamh do bhí ges na daoinibh leo: blas is dath a dúthaighe is a daoine ortha. Phasáil an t-eachtrannach ar dtíorachas, do ruaig sé ár dteanga, mhúch ar dtionnscail, choisc sé ár léighean: an aiste a bhí orainn maidir lé saoitheamhlacht, béasaibh, nósaibh etc. Daoine flaitheamhla tíorachais atá lé fagháil sa cheanntar so: atá ag dul lé n-a ndúthchas ar gach slighe, i meón, i nós is i mbéas. Níor mhór duit bheith chúig bhliadhna sa dúthaigh sara bhfaghfá do pháipéir tíorachais: páipéir a dháileas ceart, príbhléididhe is dualgaisidhe cathraigh nó íochtaráin ar allmhurach i Stát iasachta. Níl aon tíorachas ag baint leis, tá sé chómh tuathalach, aineólach is b'fhéidir: míneacht.

tíorachasach: *a.* dúthamhail, taithightheach, cleachtach, lonnuightheach. An chuach, ní héan tíorachasach in Éirinn, níl innte ach oilithreach: ní bhaineann de bhunaidh leis an ndúthaigh seo. Is tíorachasaighe (tíorachaisighe) muinntir m'athar sa dúthaigh ná muinntir mo mháthar: is sia annso iad. Táir tíorachasach do dhóthain sa cheanntar so chun buannachta do bheith agat ann: daingnighthe lé seal maith. Ní mór ná go bhfuil sé chómh tíorachasach leis an té a saoghalófaí in ár measc: clódh, cuma is slighthe na ndaoine aige.

tíoradh: *f.* (*-rtha*) tiormughadh, cruadhadh le teas, táthughadh, greadadh. Is cuma dhuit, tá an saoghal ag teacht bog ort faid gurb é do chúram thu féin do thíoradh lé gréin: do ghoradh. An féar dhá thíoradh gen ngréin: ghá loscadh: ghá thiormughadh go mbíonn an íle súighte as. Ag tíoradh arbhair don muileann: ghá ghreadadh lé teas na teineadh. Táir ag tíoradh an aráin ró-mhór, tá sé ina chipín agat: ghá tháthughadh is ghá ghreadadh le breis teasa.

tíoramhail: *a.* cluthair, foithineamhail, teólaidhe, cúláisteach. Cuir in áit thíoramhail na sceana san ná beidh cuardach ortha nuair bheid ag teastbháil: cúláisteach, athchomair. Ionad gleóidhte, tíoramhail annso agat cois teineadh chun do loirgne do bhreacadh léi, cá bhfuil do chúis ghearáin?: teólaidhe, seascair. A thigh tógtha i ngleann tíoramhail in áit ná buaileann gaoth ná anfadh é: cluthair, foithineamhail. Shín sé go tíoramhail san leabaidh dho féin gan mairg ag an ngála dhá chur air: seascair, sásta.

tíoramhail: (**tíorthamhail**) *a.* dúthchasach, dúthamhail; flaitheamhail, lághach. Duine chómh tíoramhail is bhuailfeadh leat, mar budh dhual do, a thabharfadh an léine ó n-a chneas duit: fial. Níor labhradh go ró-thíoramhail leis is níor thaithnigh leis: ró-chneasta, ró-lághach. Ní fás tíoramhail an fiúise dá rathamhla fhásann sé eadrainn: ní dual don dtír é. Thar éis bháis duit, níl aon bhaoghal ná go dtógfar leacht i gcuimhniughadh ort ar an saothar tíoramhail atá déanta i rith do bheatha agat: ar son na dúthaighe. Ar gach cuma go maidean gheóbhfá tíoramhail é, choidhche ní bhfaghfá focal ná gníomh uaidh in aghaidh na dúthaighe ná a daoine: dúthamhail: tír-ghrádhach.

tíoramhlacht: (**tíorthamhlacht**) *b.3.* dúthamhlacht, mar budh dhual do dhuine a bhaineas lé dúthaigh, i mbéas, i nós is in aigne, lághaiche, féile; blas is dath na dúthaighe do bheith ar rud. Bheadh cion do chroidhe agat air lé n-a thíoramhlacht dá fhaid a chaith sé thar lear: dúthamhlacht: a fheabhas a chongibh béasa is nósa a thíre. Dá fhaid a chaithfeadh sé in ár measc ní raghadh aon tíoramhlacht air, d'aithneófá gur iasachtaidhe é: clódh, cuma, béasa, nósa na ndaoine ní ghlacfadh sé. Fuair an scéal an duais as a nádúrthacht is a thíoramhlacht: blas is spirid chlann na dúthaighe do bheith ann. Níl aon rud ná go dtabharfadh sé uaidh lé tíoramhlacht an duine: féile croidhe: mar budh dhual d'fhear croidhe mhóir. Is furaiste an tíoramhlacht do thabhairt fé ndeara ann d'aithneófá ar a ghuth gur taca lé gníomh maith é: an chneastacht. Aon amhrán do cheap sé is ag tagairt don áit is dos na daoinibh do bhíodar, bhí an tíoramhlacht go láidir ionta: tréithe áirighthe ionta ná bainfeadh lé háit eile.

tíoránach: *f.1.* riaghalthóir nó riarthóir lán-chómhachtach, anfhlaith, bodach, aintighearna, géirleanamhnaidhe, éinne a bhíos úghdarásach, dian-leanamhnach, neamh-ghéilleamhail. Dá mbeadh an chómhacht aige dob é an tíoránach é, a bhuidhe lé Dia ná fuil: dob é a chuirfeadh ina luighe ar gach duine a bheadh fé n-a láimh é. Tíoránach dob eadh Sasana orainn, ní raibh a mhalairt riamh innte, do shíor d'iarraidh sinn do chlaoidhe is do mhúchadh: bhí sí dian, cruadhálach. Cad ná déanfaidís ar ár son nuair bhí uatha do bheith i gceannas, anois táid ina dtíoránaighe chearta orainn: cuirid a gcómhacht ina luighe orainn gan trócaire.

tíoránacht: (**tíorántacht**) *b.3.* aintighearnas, úghdarásacht neamhghéilleamhlacht, forlámhas, géirleanamhaint. Cá raibh tíorántacht mar í? tu do chaitheamh ar thaobh an bhóthair an lá ná beadh an cíos agat: lámh láidir gan ghéilleadh gan trócaire. Saoghal madra ní raibh ges na daoinibh fé thíoránacht an dreama ná goillfeadh dá mbacaighe ná dá mbochtnacht ach luighe níos truime ortha: déine is neamhthrócaire cómhachta.

tíoránta: *a. n-dh.* géirleanamhnach, dian, neamhghéilleamhail, cruaidh-chómhachtach. Is é siúd a labharfadh go tíoránta lé duine gan puinn cúise: go dian, bagarthach. Eaga féachaint thórsa ní thugann sé d'éinne atá fé n-a chúram, bíonn sé chómh tíoránta san ortha: dian, cruaidh.

tiormach: *f.1.* ceal taisireachta, tuire(acht), aimsir thirim go leanann spalltacht an talamh; tart, fonn óil. Tiormach go raibh an talamh ina bhalc, an chré ina snaois is gach tobar i ndísc: an oiread san ceal taisireachta ar an úir is ar an aer. Dá mbeadh tiormach go Samhain ann bheadh breall ar dhuine éigin: speal fhada aimsire gan báisteach, gan

taisreacht: is deacair go héinne do shásamh maidir leis an aimsir. Níor thóg sé an leathghalún dá cheann gur thug sé a thón anáirde, nár mhór an spealladh tiormaigh é: an t-íota tarta. An bhfuil an tiormach ar an gcoirce chun a cheangaltha?: an bhfuil an oiread den dtaisreacht imthighthe as. Dá mbeadh aon tiormach ar an lá bheinn ag gluaiseacht, ach sa dílinn seo ní fhéadfainn corruighe: éadtromughadh ar an mbáistigh. Tiormach mór sé teacht na marbhlaogh: is gnáthach ná beireann ba laoghanna leó i mbliadhain a bhíos ró-thirim. Is fiú aonnidh an bhróg san toisc an triomaigh atá innte: ná leigeann sí aon uisce isteach. Bíonn tiormach cliabhlaigh ag cur air: cruaidheacht: siocadh bronn. Friotháil an tiormach chun féir: aimsir go mbíonn greim is easbhaidh báistighe is taisreachta air. Tiormach na bliadhna tháinig leis an arbhar a bheith chómh meathluighthe: ceal taisreachta nó úire san aimsir.

tiormas: *f.1.* spalladh tiormaigh, seal fada aimsire gan úire ná taisreacht san aer. Ní tháinig tiormas lé gorta riamh: an bhliadhain a bheadh an-thirim ní baoghal go mbeadh aon cheal ar thoradh na talmhan. Níl priocadh fiacaile ar an dtalamh gen dtiormas: tréimhse spallta.

tiormlach: *f.1.* spalladh mór tiormachta. Gach aon rud ina chipín ag an dtiormlach.

tiormughadh: *f.* (*-uighthe*) taisreacht do chailleamhaint trí shileadh nó shughadh as, d'imtheacht ina ghal, neart tiormuighthe, do dhul ar thalamh cruaidh as uisce. Féach amach, an bhfuil aon tiormughadh ar an lá?: ar stad aon phioc den mbáistigh? Tá tiormughadh ar an uain, is ní mór é: níl sé ag cur chómh trom: maolughadh ar an uisce. Na héadaighe ag tiormughadh ar an dtor: curtha amach go n-imthigheadh an taisreacht asta le teas na gréine, leis an ngaoith, etc. Seasaimh cois na teineadh féachaint an dtiocfadh aon tiormughadh ort, táir as an sileadh mhaol, bháidhte: go n-imtheóchadh aon chuid den uisce as do chuid éadaigh. Beidh an féar oireamhnach lé cur i gcocaidhibh um thráthnóna, tá árd-thiormughadh sa lá: cómhacht an taisreacht do shughadh nó do tharrac as. Cuas seadh é ná fuil aon tiormughadh ann: aon chladach chun báid do bhreith i dtalamh ann nó raice d'fhágaint ann thar éis na taoide. Mórán raice ag tiormughadh isteach: ghá fhágaint ar an dtalamh tirim ag an sruth. An bhfuil aon tiormughadh ag dul ar an gcneadh?: an bhfuil luigheadughadh ag dul ar an méid othair atá ag sileadh aiste. Ní raghaidh aon tiormughadh choidhche ar an gcois: ní stadfaidh sí de shileadh. Ghom thiormughadh féin lé tubháile thar éis folcan: ag sughadh is ag cuimilt an uisce leis. Bí ag tiormughadh do shúl, ní fiú é deóir do shileadh ar a shon: ag cuimilt an uisce díobh. Sínte ar fleasc mo dhroma dhom fén ngréin is mo bhalcaisidhe ag tiormughadh ar charraig athchomair, gan glór im chluais ach fuaim na mara: cur fén aimsir chun na taisreachta do shughadh asta. Aon bhraon ní bhlaiseann sé anois, nách mór an tiormughadh ag duine air féin agus an méid d'óladh sé: tréigean dighe. An rud is measa as an áit ná fuil aon ionad sábhálta ann chun báid do thiormughadh ar feadh an gheimhridh: do chur ar sábháilt ón muir.

tiormuighim: *b.a. & n-a.* téighim ar talamh tirim; caillim taisreacht trí shughadh teasa nó sileadh, díscighim; aistrighim taisreacht lé cuimilt. Ná tiormuigh (triomluigh) do lámha san éadach shalach san: ná bain an taisreacht díobh. Tiormuigh do shúile, ní mór é do chúis bróin: cuimil na deóra dhíobh. Tiormóchaidh an talamh leis an dteas so: re fliuchán

nó taisreacht atá air imtheóchaidh. Tiormuigh thu féin ós cómhair na teineadh: leig don dtaisreacht sughadh as leis an teas. Talamh ró-íseal, ró-mharbh ní thiormóchadh do dhícheall é: ní dhísceóchadh an briseadh uisce as. Nách mór mar thriomuigh na daoine suas ar fad, fíor-bheagán do chloisfeá ná chidhfeá ar meisce sa tsaoghal atá ann: mar d'éirigheadar as an ólachán. Cad é an taobh den oileán gur thriomuigh an míol mór?: go dtáinig ar an dtalamh is gur fhan ann. Thiormuigh an bád ar an bhfochais is d'fhan ann go filleadh na taoide: chuaidh uirthi lé cabhair an uisce, is níor fhág gur thóg airís í. Ní thriomóchaidh sé indiu: ní stadfaidh an bháisteach. Nách luath san mbliadhain do thiormuigh do bha: chuadar as bhainne. Thriomuigh a raibh de thoibreachaibh tímcheall, leis an spalladh: chuadar i ndísc. Cósta ró-fhiadhain é seo, ní thiormóchadh faic air: ní thiocfadh raic i dtalamh.

tiormuighthe: (**triomuighthe**) *a.r.* ar aiste an t-uisce nó an taisreacht do bheith imthighthe as; tagtha ar thalamh tirim as uisce. Dá mbeadh m'aghaidh is mo lámha tiormuighthe agam leis an éadach so: cuimilte go dtí ná beadh fliche ná taisreacht ortha. Fuairtheas an corpán tiormuighthe ar barra taoide: caithte isteach agus fágtha ina diaidh ag an muir. Is fada tiormuighthe é, tá lé chúig bhliadhnaibh: éirighthe as an ólachán. Tá na bróga tiormuighthe ó cuireadh buinn fútha: ní thairrngid an t-uisce. Bheadh an chneadh tiormuighthe fadó riamh dá gcuirtí ceiridhe léi: bheadh deireadh othair silte aice. Tá an bád tiormuighthe ag an ndeisiúchán san: curtha ó uisce do tharrac. Is fearr tiormuighthe leis an ngréin é ná leis an dteine: an fhliche do bheith súighte as. Bád tiormuighthe seadh í anois: gan aon áis dhá bhaint aisti.

tíorughadh: *f.* (*-uighthe*) do bhreith chun tíorachais, béascna, síbhialtachta; do phlanndughadh, tlachas do dhéanamh ann; neadughadh is préamhughadh. Oileáin ró-fhiadhain, ró-gharbh nách féidir do thíorughadh in ao'chor: cur is baint ionta is daoine do mhaireachtaint ortha. Nuair nár deineadh a thíorughadh as a óige ní féidir anois é, tá sé ró-aosta, ró-chalcuighthe: é do thabhairt chun tíorachais: béasa is míne do thabhairt do. Sloinne í a dhein tíorughadh mór sa dúthaigh seo: greamughadh.

tíoruighim: *b.a. & n-a.* lonnuighim is saothruighim tír nó dúthaigh, mínighim, bheirim chun síbhialtachta, tíorachais, etc.; greamuighim is préamhuighim ann. Thíoruigh Sasanaigh an Astráil: chuadar is chuireadar daoine innte chun a saothruighthe is a heascartha. Is fiadhain an duine é, ní thíoróchadh an saoghal mór é, an choimhtheacht 'san stalcaidheacht chéadna ann: ní mhíneóchadh. Sin crainn ná tíoróchadh choidhche sa cheanntar so, ní fhásfaidís in ao'chor ann: ná raghadh i dtaithighe an fhuinn is préamhughadh ann.

tíoruighthe: *a.r.* lonnuighthe ann is saothruighthe, neaduighthe, préamhuighthe, beartha chun tíorachais, mínighthe. Dá fhaid atá sé tagtha thar lear is ina cómhnaidhe eadrainn níl sé tíoruighthe fós, ní chaitheann sé a bheatha ná a shaoghal ar nós muinntire na háite: tagtha ar chóimrian leis na daoinibh i mbéas is nós. Níl puinn tíoruighthe den gcuid thuaidh den Áisia, áiteacha ann nár chuir aon duine a chos fós riamh: daoine lonnuighthe ann chun saothair do dhéanamh. Leis na ciantaibh bhí mo mhuinntir tíoruighthe sa cheanntar so: neaduighthe is iad ag síolbhughadh 'sag méadughadh.

thíos: *d. bh.* in ionad nó áit níos ísle, fé bhun, ar lár, iartharach ó theine (tigh); ar an dteine, scríobhtha; thuaidh. "An té a bhíos thíos luigheas cos air, an té a bhíos thuas óltar deoch air": a bhíos ar lár. Is mairg an té a bhíos thíos an chéad lá: an té a treascartar i dtosach is baoghalach nách leis teacht suas. Ní bhfaghaim thíos ná thuas é lé seachtmhain: in aon áit: tá sé (rud) amudha orm: ní bhfaghaim aon bhun leis (duine). Má thosnuighir achrann creid mise gur tu bheidh thíos leis: caillte: a dhíolfaidh as: gurb ort a raghaidh an teinn. Má tá sé thíos fanadh sé thíos: má tá sé dulta ar gcúl: é treascartha: iomard éirighthe dho a bhaineas dá threóir é, sin mar is fearr. Ann bhfuilir thíos san imirt?: do gheall ar an mbórd. Thíos in íochtar na hÉireann atá Doire: i bhfad ó thuaidh. Mara mbeadh a luathacht do chuiris dhíot bheifeá thíos leis: d'éireóchadh díth nó díoghbháil duit. Ar an dtaobh thíos de bhóthar atá an tigh atá uait: an taobh is íochtaraighe lé fánaidh. Is fada atá na hamhráin sin thíos agam uaithi: iad scríobhtha ó n-a haithris. Beir thíos ar an mála: ar a bhun. Gheóbhair an rud atá uait thíos an staighre: i seómra úrláir éigin. An bhfuil t'ainm thíos agat?: scríobhtha: tú in áirighthe lé rud éigin do dhéanamh. Cómhnuigheann sé thíos amuigh, is fada ó bhí sé annso: tamall maith isteach sa dúthaigh. Tá geall thíos aca ar an rás so: airgead curtha aca i muinghín go mbuaidhfidh a rogha. Thíos i bhfíor-íochtar ifrinn do stáitse-se a bharránaigh: i bhfad ó n-a uachtar. Ag baint de thíos is ag cur air thuas: ag déanamh nidh ná déineann feabhas ná breis. Codlann sé thíos i dtóin an tighe: in san tseómra is sia ón gcistinn. Mo chroidhe is mo shláinte briste d'iarraidh teacht thíos is thuas ortha: friotháilt do dhéanamh ar gach éileamh do bhíonn dhá dhéanamh orm. Rug sí thíos air: ar a mhagarlaidhe. Oiread agus pinginn de níor chaith sé, tá sé thíos ina phóca aige: bailighthe, cruinnighthe ina sheilbh gan scaipeadh. Tá prátaidhe is feóil thíos aice i gcóir an dinnéir: ag beirbhiughadh. Dá mbeadh sé thíos fé chloich agat gheóbhadh súd amach é: i bhfolach go maith. B'fhearr liom thíos fén bhfarraige me féin ná a leithéid do rádh: múchta, báidhte: as radharc na ndaoine. Thuas indiu, thíos ambáireach, sin mar bhíonn: tamall ádhmharach, tamall míoádhmharach. B'fhearr leis thíos fé chosaibh na ndaoine me: iad go léir bheith ag déanamh mo dhíthe. An thíos ar tóin puill atá an t-iasc so ná fuil aon bhreith air: ar úrlár na mara. Is iomdha lúb thíos in íochtar a phutóige: ar a bun ar fad.

tír: *b.2. & 5.* talamh, dúthaigh, ceanntar, an pobal, daoine dúthaighe. Ní tír gan teanga: ní dúthaigh iomlán a bheadh ann gan teanga dúthchais. Éire ár dtír dúthchais: an talamh inar saoghaluigheadh sinn. Stoirm áidhbhéil ná raibh bád ar an bpoll d'fhéadfadh teacht ar an mín-tír ón oileán: tír mhór deifreach ó oileánaibh ar a cósta. Ní lia tír ná gnás: bíonn a gnása féin fé leith ag gach dúthaigh. Ó mhullach an chnuic chidhfeá an tír uait soir: mórchuid den ndúthaigh. Beidh na tíortha scriosta thar éis an chogaidh seo: na daoine i ngach dúthaigh dealbhuighthe. Ní bhfaghfá i dtalamh ná i dtír fear ná go bhfuil sé chómh preabamhail leis: in áit ar bith. Fear ceart tíre dob eadh é siúd, d'aithneófá go maith é ar an gcuma bhí sé ag tabhairt gach aonnidh fé ndeara ar an sráid is ins na siopaidhibh: fear tuatha. Maithe agus mór-uaisle na tíre: daoine tábhachtacha, etc. talmhan áirighthe go n-a teórantaibh áirighthe, ainm fé leith, i seilbh treabhachais áirighthe. Thángamair i gcuan i lár oidhche, ach ní thángamair i dtír go maidean: ar an dtalamh tirim. An bhfuil aon náire ort agus tú i mbéal na tíre: gach éinne ag cainnt ort: i mbéal na dúthaighe. Is beag ar bhodaigh na tíre a bacaigh: daoine gustalacha, neamhghéilleamhla. I dtír na hÉireann budh dheacair tigh chómh fáilteamhail leis d'fhaghail: an chuid thirim den ndúthaigh. Is é a thug a bheatha i dtír go cráibhtheach: a mhair go hionraic. Aithne ná eólas ní raibh

agam ar neach ann bhíos mar Oisín as Thír na n-Óg: dúthaigh mar a dtéigheadh an Gaedheal thar éis bháis do agus ná tagadh dochar ná caitheamh air. Tír Tairngre: an dúthaigh do gheall Ábratham dá shliocht: ionad go mbíonn súil ag duine lé feabhasughadh ann, is minic so i sean-scéaltaibh. Tír gan teanga tír gan anam: dúthaigh nách féidir léi í féin do chur in iúil dréir dúthchais. Ní maith ar muir ná ar tír é mar fhear: aon mhaith in ao'chor níl ann. Creachadóir tíorach síoladóir fánach: díth is díoghbháil don dtalamh an té a chuireas síol ró-thearc. I súil na tíre tá sé cionntach dá mbeadh sé chómh saor air leis an mbunóic a saoghluigheadh airéir: dréir thuairme an phobail. Níor thug sé chun tíorach leis, an raispín, bheith chómh maith d'fhear liom-sa: níor saoghluigheadh leis sin. Ar an dtír atá san ná fásfadh sé innte: ar a húir nó a fonn. É bheith de shín-mhallacht ar an dtír ná réidhteóchaidís lé chéile: ar a daoinibh. Soir sa tíorthaibh teó a chaith sé a shaoghal: dúthaighe go mbíonn mór-theas ionta. Cuirfidh siad na tíortha trí chéile: cineadhacha éagsamhla. Níl sé ar muir ná ar tír agam: nílim ag baint aonnidh as an bhfarraige ná as an dtalamh. An dtiocfaidh sé chun tíre choidhche, an dóigh leat?: an sroichfidh sé a ionad dúthchais? Níl sé ina gcumas sluaighte cogaidh do chur i dtír sa bhFrainnc: do chur i dtalamh. Ní fhéadfainn dul i dtír, bhí an oiread san suataidh ar an gcloich: dul ó bhád nó ó luing ar thalamh thirim. "Do ghealadh mo chroidhe nuair chidhinn Loch Gréine/ an talamh, 'san tír is íoghair na spéire": an ceanntar go léir faid ritheadh mo radharc. Cá tír duit?: cad as duit. Ní bhfaghair a leithéid sa taobh so thír: tímcheall an cheanntair seo. D'imthigheadar fiadhain fén dtír: scaipeadar thall 'sabhfus ar a fuaid. An é sin airgead na tíre seo?: an t-airgead a clódhtar innte. "Caithfeam dul go tír éigin eile", deirtear nuair ná bíonn an saoghal go maith mar a mbíd aca. As tír Chonaill do: leathantas mór talmhan do gairmeadh don duine sin. Cad é an lucht ar thalamh na tíre seo?: úir seo na hÉireann. Ná leig cáil na tíre ar lár: na dúthaighe. Tá airgead na tíre ag beagán in ár measc: furmhór atá i seilbh an phobail. Lúb thíre ná fuil aon áit calathóireachta innte: bléin fharraige mar bheadh leath-bhoghaisín. Ag cómhrac ar son a thíre.

tíreach: (**tíorthach**) *a.* ag baint lé tír nó talamh, tuatha. Fear tíreach, tráchtmhar atá cumsach, gustalach: atá i seilbh talmhan. Cailínidhe tíreacha iad so, táid glas fós ar shlighthibh an bhaile mhóir: ón dtuaith.

tíreach: (**tíorthach**) *f.1.* fear nó bean ón dtuaith. Cóimhthíreach dhom seadh thu, má saoghaluigheadh in Éirinn thu: duine ón ndúthaigh chéadna.

tirim: *a.* gan úire, fliche ná taisreacht; i ndísc, gan sughlach, lacht, etc., feóidhte, seirgthe, tur, gan deoch, tartmhar. Chuaidh sé de chosaibh tiorma isteach 'on bhád: gan iad d'fhliuchadh. Bád tiorma iseadh í: bád ná tógann farraige i suathadh. Cad é an leath-scéal atá aige ná fuil a dhóthain lé n-itheadh is lé n-ól aige is stoca tirim te ar a chois gach aon lá d'éirigheann sé dhá leabaidh: ní fliuchtar tímcheall a ghnótha é. Chuir an fharraige an oiread anmhóna orm go dtabharfainn rud maith ar lán bhonn mo chos den dtalamh tirim do bheith agam: an talamh daingean. Tá dhá chéad púnt in airgead tirim aige: go bhféadfadh a chómhaireamh amach ar an láthair. Ní bhíonn an falla tirim ina dhiaidh, drochshaor é: sughann sé an taisreacht. Prátaidhe tiorma, plúracha a bheadh ag gáiridhe leat: gan aon fhliche, agus iad ag pléascadh ina gcroiceann. Diúltuighim de leann dubh anois, go raibh maith agat-sa, táim tirim: éirighthe as bheith ag ól deoch mhearbhaill. Ní

hí an bhó budh mheasa dhóibh do bheith tirim ach an tobar mar ná raibh aon dul ar uisce in aon áit eile aca: i ndísc. Is tirim an bhainis a bhí aca, níor óladh oiread is sláinte na lánamhnan air: gan digh. Cóisir thirim: ná bíonn deoch mhearbhaill ar siubhal uirthi. Ar thalamh thirim na hÉireann, agus is mór an focal é, ní bhfaghfaí cladhaire is mó 'ná é: in Éirinn uile. Mara mbí sé tirim fliuch is fearr: báisteach an tsín is fearr seachas an tiormach. Shaoileas go rabhais báidhte, táir chómh tirim le snaois: tirim ar fad. Ní maith an earra lé n-itheadh an fheóil seo, tá cuma an-thirim uirthi: tur: gan sughlach. Bhíos tirim ag an dtarbh mara mbeadh duine a tháinig ar m'fhóirthint: marbh aige. Féar tirim: féar caointe, sábhálta lé n-itheadh thar éis a bhainte. D'fhág an uain an bád tirim glan ar an dtráigh: tamall ó shroichstint na taoide. Duine go raibh scóronach thirim aige is beag a fhág ina dhiaidh riamh: póitire: dúlmhar san ólachán. Dinnéar ró-thirim atá agat, ní raghaidh sé síos leat: biadh tur gan digh. Theastuigh uaidh an bhó do reamhrughadh is scaoil (leig) sé tirim í: éirigheadh as a crudh d'fhonn agus go raghadh sí i ndísc. D'imigheadar uaim agus d'fhágadar tirim me: ina ndiaidh: chliseadar orm. Bhíodh sé ag obair sa drochshaoghal ar réal ist ló, fliuch is tirim: idir dhoininn is shoininn. Beithidhigh thiorma is mó choimeádann sé ar an bhfeirm: seasca. Léigheacht an-thirim atá tugtha uaidh aige, ní mór an tsuim a chuir éinne innte: gan anam, gan beódhacht. "Iompóchaidh sé an fhásach ina log uisce agus fearann tirim i dtiobraibh fíor-uisce" (Sailm CVII. 35): cruaidh: gan úire. Thugas mo chosa tirim thar abhainn liom: níor fliuchadh me. Déanfaidh san teine, tá sé chómh tirim lé sponnc: árd-thirim: gan aon úire.

tirim-: *i gcfbh.* gan úire, fliche ná uisce, tur. Sin droch-bhróga ort, is baoghalach ná tiocfair tirim-chosach ar an sliabh san: gan iad do bheith fliuch. Tirim-bhéalach, tirim-theangach, tirim-scórnach: tartmhar.

tiuc: *uaillbhreas* focal gairme cearc. Tiuc! tiuc!: tagaidh annso, a chearc(a).

tiugh: *a.* reamhar, dlúith, brúighte, palcuighthe athchomair ar a chéile, flúirseach, go minic, tapaidh. Deinid airgead go tiugh nuair bhíonn luach ar an seift: go flúirseach agus go mear. Tháinig na buillidhe ró-thiugh orm ní fhéadfainn me féin do chosaint ortha: go trom agus go tapaidh. Táir ag cainnt ró-thiugh, ní leanfadh éinne thu: ró-mhear: an chainnt ró-dhlúth ar a chéile. Bí ag cur díot go tiugh te, faid bheidh an eaga agat air: chómh tapaidh in Éirinn agus tá ionat. Scríobhann sé an-thiugh, ní mór an mhoill air leitir do bhreacadh: mear, tapaidh. Níl do chuid scríobhnóireachta ró-shoiléir, tá na focail ró-thiugh ar a chéile: ró-athchomair. Tá siubhal tiugh aige: tugann sé coiscéimeanna meara, tapamhla. Bhíodar ag caitheamh ar a chéile chómh tiugh géar agus bhí ar a gcumas: chómh mear iomadamhail agus b'fhéidir leó. Bhí urchair ag teacht orm chómh tiugh lé tiul: ní fhéadfaidís bheith níos iomadamhla ná chómh pras: mar bheidís ag teacht as bhéal gunna. Ag déanamh airgid i rith an chogaidh chómh tiugh le tiul!: chómh pras is thiocfadh piléir ort. An oidhche ag cur sheaca go tiugh: go trom, tapaidh. Cuireadh an síol ró-thiugh, ní fearrde an barra é: ró-dhlúth ar a chéile: an iomad de. Bhíodar ag gabháil orm chómh tiugh lé raithnigh: buillidhe chómh flúirseach is bhíonn an raithneach ag fás ar a chéile. Tabharfaidh an t-éadach san seasamh is caitheamh maith, fada uaidh tá sé fighte tiugh ar a chéile: na snáithínidhe an-ghearra, an-dhlúth ar a chéile. Ná tairring do mhaididhe ró-thiugh: ná bíodh do bhuillidhe (rámha) chómh gearra, tapaidh. Dheineadh an fear céadna airgead chómh tiugh le grean: flúirse dhe. Dá mbeadh peacaidhe ar dhuine

chómh tiugh is tá gainnimh ar thráigh maithfí trí aithrighe is carthanacht iad: do-chómhairighthe. Ní fhéadfadh gan fuinneamh is neart do bheith ann tá sé chómh tiugh le dair: cruaidh, dlúth ar a chéile ina dhéantús. An t-éadach fighte aige chómh tiugh lé clár: go fáiscithe, dlúth gach snáithín de. Níl an ghruaig ró-thiugh ar mhullach do chinn, tá do phláitín lé feicsint: trom, iomadamhail. Ní bheireann an t-iasc tiugh ar an mbannc so: geairrid dá chéile dréir ama. Prátaidhe tiugha atá ar an iomaire: iomadamhail. Seadh, a fheara, táthaoi ag obair go tiugh bail ó Dhia oraibh: go luath, maith, mear. Beithidheach tiugh seadh í: fuinnte ina cuid feóla is ina déanamh. Ní thugann sé cuaird orainn chómh tiugh is thugadh, is fánach do chidhimíd é: minic. Is tiugh an iarracht í sin: sin rud a thárlaidh go hobann, tric. Is tighe-de an brat a dhúbailt: is reimhre agus mar sin is teó. Ná bí ró-thiugh dom, is moille mise 'ná thu: bí ar chóimhrian liom. Ólann sé ró-thiugh, is ní bhíonn an oiread iomchair aige air: bíonn an iomad deabhaidh air leis. Coillte tiugha atá ar an oileán úd gurb éigean don nduine a bhealach do ghearradh tríotha: na crainn ró-dhlúth ar a chéile. Ní dócha go bhféadfad seasamh i bhfad, tá an t-iomard ag teacht ró-thiugh orm: ró-mhinic. Tagann an ruth go tiugh nuair thagann sé: go trom. Raghaidh díom an charraig seo do scoltadh, tá sí ró-thiugh: ró-dhaingean ar a chéile. É ag cainnt chómh tiugh lé circ ag priocadh choirce: grod, tapaidh. Gheóbhadh sé mná dá mbudh mhaith leis é chómh tiugh is tá méireannta air: chómh líonmhar: bean in aghaidh gach méire. Sneachtadh, báisteach, ceódh, etc. go tiugh sa spéir: trom. Níl gluaisteáin chómh tiugh ar an mbóthar is bhíodh: chómh flúirseach ná chómh minic. "Agus an tan do chruinnigh an sluagh go tiugh chuige etc." (Lúcás XI. 29): ina ndiormaibh. Grásta tiugha Dé go raibh ort: a ghrásta in iomadamhlacht. Chonnac istigh i dtiugh na hoibre é agus é ag déanamh thar barr ar fad: ina corp-lár. Chuamair amudha i dtiugh na coille mar ná raibh aon eólas againn: mar ar dhlúithe na crainn ar a chéile: ina corp-lár. I dtiugh na glóire go dteighidh t'anam: go hárd ar neamh. Tabhair dom-sa an tiugh, is é is fearr liom: an chuid is reimhre. Ní haon eagla thagann air, gheóbhair i dtiugh bruighne i gcómhnaidhe: mar ar truime agus is déine bhíonn sí. Is tiugh an plaosc atá ort! an dtuigir aonnidh?: ar nós an adhmaid. Gheóbhadh sé trí mhín is trí thiugh ar do shon: thabharfadh aghaidh ar aon chruadhtan.

tiugh-: *i gcfbh.* reamhar, dlúith, mear, éascaidh, fuinnte. Tá tiugh-aighneas agat, is é is fearr atá agat: teallaireacht: flúirse chainnte. Níor bhfada dhóibh san tiugh-aighneas gur éirigheadar chun a chéile: san ngiorraisc chainnte a bhí eatartha. Bean thiugh-aghthach: aghaidh leathan, reamhar aice. Ní bheadh a fhios agat cad dhéanfadh duine tiugh-adhmach mar é: luaith-intinneach. Bheadh sé láidir, tá sé tiugh-easnach: easnaidheacha an-dhlúth ar a chéile ann, is iad láidir. Nílir soiléir in ao'chor, táir ró-thiugh-bhéalach: labhrair ró-thapaidh: luaith-bhéalach. Nuair chuireann sé chuige bíonn sé tiugh-bhriathrach go maith: deir sé mór-chuid. Sin é marbh indiu é, indé bhí sé ina sháin-rith, nách é fuair an tiugh-bhás, dar liom go raibh fiche bliadhain eile ann: bás luath. In áit ina mbíonn itheadh agus suathadh farraige tiugh-bhuillidhe (rámha) an rud: mear, gearra. Is í an tiugh-bháisteach mhion so nár bh'fhada an mhoill uirthi tú d'fhliuchadh go cnámh: dlúth, trom ar a chéile. Fás tiugh-bhláthmhar: go mbíonn cuid mhaith bhláth air. Ainmhidhe tiugh-chosach an ghirrfiadh: lúthmhar. Níl aon mhaith ann, níl puinn slán de, ná feicir a thiugh-bhriste is tá sé: briste i mórán áiteann. Rug cloch ar mo láimh a fhág na méireannta tiugh-bhrúighte go maith agam: brúighte go maith. Cuireadh tiugh-chasadh sa téid, tá sí lán de ruaircínidhibh: iomad casta ró-dhlúth. Ar chuma éigin thugas tiugh-

chasadh dom chois is cuireadh m'alt as ionad: iompódh grod, tapaidh. Is eaglach ná fuil puinn den dtiugh-chrábhadh ag baint leat: mór-urraim do Dhia ná do chreideam. A mhaise, is agat-sa atá an tiugh-chroidhe, is deacair leat scaramhaint lé haonnidh: righin, dochmamhail. Eagla ar gach éinne má théigheann cogadh chun faidslighe go mbéarfaidh tiugh-chruadhtan ar mhórchuid: géibheann mór is broid. Thugas tiugh-chuimilt don sciain ar an gcloich agus ní mór an faobhar do chuir san uirthi: luath, tapaidh, dícheallach. An sparán fé n-a thiugh-chórda aige thíos ar thóin a phóca: córda cruaidh, do-scaoilte. Cósta conntabharthach, tiugh-charraigeach: iad ann go hiomadamhail is go dlúith ar a chéile. Ní chlogfaidh aon arm a ghéaga so, tá sé ró-thiugh-chroiceannach: croiceann fuinnte dlúith air. Bír tiugh-chúrsach go maith tímcheall an bhaill seo, an aon rud a theastuigheas uait?: bír ann go mion minic. Nách tiugh-chlamprach a thagann rudaidhe ar an aindeiseóir: aindeise is anródh ar mhuin mhairc a chéile air. Capall tiugh-chliathánach, beidh fuinneamh ann: cliatháin fhuinnte, chóracha aige. Dheineadar tiugh-chnuasach ar a raibh lé fagháil ann: bhailigheadar chúcha go tapaidh a raibh ann. Siúd í an bhean dhian ná beadh i bhfad ghod thiugh-cheartughadh: ná tabharfadh puinn caoi dhuit ar éadhlódh lé dearmhad. Creid me leis go rabhas tiugh-chorruighthe ge n-a gcuid cainnte ná raibh ró-chneasta liom: tógtha go mór. Ainmhidhe beag tiugh-chlúmhach an coinín: clúmh ina fhás dhlúith, fhlúirseach air. An bhfeacaís éinne riamh a ghníos tiugh-chogaint ar a gcuid bídh, is maith an muileann atá aige: cogaint lé deithneas. An tiugh-chír fhiacal atá aice, is gleóidhte iad: iad curtha go dlúith, córach: brosna fiacal buailte ar a chéile. Is tiugh-cheannach an mac thu, an féidir aon rud do thiomáint isteach ann?: reamhar, dúr. Nách dod chuid éadaigh do thugais an tiugh-chaitheamh is dod chuid airgid: ní raibh ort ach an ró-mhoill chúcha. Dá mbeadh tiugh-chlúdach ort ní bheadh aon bheann agat air dá fhuaire bheadh sé: clúdach maith, trom, cluthair. An tiugh-chleasaidheacht a bhí ar siubhal aige chuaidh díom dul amach air: níor thúisce cleas déanta aige 'ná thairring sé chuige cleas eile. Beidh an lá aca i ndeireadh dála sa tiugh-choimheascar atá dhá chur tímcheall na cathrach: troid dhian, chómhnaidhtheach. Tiugh-dhathanna a bhí sa bhratach is níor ritheadar: dlúith, doi-leachta. Budh dheacair a rádh céaca budh thapamhla leis an dtiugh-dhóirneáil a bhí ar siubhal eatartha: gabháil ar a chéile go buileamhail, fiadhain. Má dhéanfadh tiugh-dhéanamh fear maith dhe, tá sé air: déanamh fuinnte, córach. Lé tiugh-dhiamhrughadh na hoidhche do chaoluigh sé leis amach as a ghnáthóig chun dul ag gadaidheacht: doircheadas dlúith. Ní mór ná gur thug sé fuil a chroidhe, bhí sé i bhfad ag tiugh-dhortadh sara dtáinig an dochtúir: í ag teacht ina sconna. An té go mbítear sa tiugh-éileamh air is go mbíonn aon charthanacht ann is beag a fhágann sé dho féin: an lorg go mion minic. Is é siúd ná fuil trom ná aindeis ar a bhonnaibh, is é a chuireann de go tiugh-éascaidh: go mear, éadtrom, seólta. Ná labhair ró-árd, tá tiugh-éisteacht na heascún aige sin: an-ghéar. Dá mbéarfadh an tiugh-easbhaidh cheart ort, is annsan bheadh a fhios agat cér bh'iad do cháirde: easbhaidh na gorta. Fuair gach éinne againn an tiugh-eiteach uaidh, ní raibh aon niúdar néadar air: an t-eiteach gan mhoill, gan scrupall. Ní hiongadh mórdháil do bheith air is na tiugh-éachta atá ag tuiteam leis: éacht ar éacht. Níl aon bhaoghal fuachta ort-sa ach go háirighthe, táir tiugh-éadaigh go maith: éadach trom, cluthair. Oidhche tiugh-fhliuch, tiugh-cheódhach, dhorcha nár mhaith é gnóth éinne ar bhealach fhada: báisteach is ceódh dlúith, trom ann. Thug sé tiugh-fhéachaint thar doras is annsan bhailigh leis chómh tiugh céadna: grod. Mo thruagh an té go mbéarfadh eascú fharraige air, bíonn sí chómh tiugh-fhiaclach san: an mór-oiread san díobh aice. Cad é an cúram atá den bpota so? tógtar é, tá sé ag tiugh-fhliuchaidh: ag fliuchaidh ar dalladh.

Deirtear go bhfuil airgead go tiugh-fhlúireach ag bodaigh an bhaile: go bhfuil ina chnocánaibh aca. Níor coinghbheadh ag feitheamh i bhfad lé n-ár gcuid sinn, deineadh tiugh-fhreastal orainn: mear, luath. Ar a mhéid cheisteann cruaidh do cuireadh chuige, bhí sé tiugh-fhreagrach go leór: d'fhreagair sé go héascaidh iad. Toisc na bhfocal do bheith chómh tiugh-fhighte budh dheacair a gciall do thuigsint: dlúith, casta ar a chéile: dorcha ina n-eagar. Bíonn an namhaid ghá thiugh-fhógairt go ndéanfaidh sí so súd linn mara gclaoidheam go luath: ag síor-fhógairt. Déineann fiadhaile tiugh-fhás ná déineann?: tapaidh agus iomadamhail. Bail air, déanfaidh an garsún árd-fhear as an dtiugh-fhás atá fé: eascar mear. Na tiugh-fhabhraidhe atá air tugann gach éinne fé ndeara é: clúmh fada, trom ortha. Tháinig tiugh-gháire orm, is ní fhéadfainn gan pléascadh: go hobann, tapaidh. Mara mbeadh bheith ag tiugh-ghlaodhach as an ngort orm dhéanfainn fagháltas éigin oibre ann: ag glaodhach ró-mhinic chun ruda eile. Sa chliathán is ins an aghaidh tá sé tiugh-gheárrtha go maith: mórán gearraidheacha ann. Dá dtabharfá tiugh-fholcadh te dhuit féin bhainfeadh sé an fuacht san amach as do chrathachaibh: tú féin do nighe is do ghlanadh is do théidheamh ó thalamh. Cuir tiugh-ghreamanna leis an snáthaid ann, seadh is lugha a thabharfaidh sé: greamanna go han-athchomair dá chéile. Ceann tiugh-ghruaigeach uirthi: mothalach, trom. Cad é an tiugh-ghuairneán atá ort ná fanfá tamall beag in áit éigin: corruighe gan puinn sosa do dhéanamh. Thug sé tiugh-iarrachtaidhe fúm, ach níor éirigh leis me do bhualadh: tapamhla, iomadamhla. Nách don méid mhór airgid a bhí aige do thug sé an tiugh-íde: caitheamh obann. Sin í an tiugh-imirt, goint dhá dhéanamh ar gach scughadh (cártaidhe): ná bíonn aon mhoill ar an gcluiche. Tiugh-imtheacht ar a bhfuil aige mar is tú a bhailigh go cam, calaoiseach é: gan aon mhoill bheith ort ag scaramhaint leis. Déin tiugh-innsint ar pé rud atá lé rádh agat, mar níl mórán eaga fanta agam leat: aithris thapaidh. Lé dhá mhí anuas as a chéile tá tiugh-ionnsaidhe dhá déanamh ar an gcathair ná fuil ach a trian ina seasamh: iarrachtaidhe troma, mionca dhá thabhairt fé n-a scrios. Ní bheadh aon iongadh orm go mbeadh barra maith sa tiugh-ithir: ithir go bhfuil cré fhlúirseach innte. Ní fearrde thu an tiugh-itheadh thugais ar bhiadh, ní chognais a leath: itheadh gan eaga meilte. Bhí sé ina thiugh-lá nuair éirigheas: bán, geal. Ná bac an tiugh-labhairt, ní raghaidh do chuid cainnte ina luighe chómh maith: cur asat ró-thapaidh. Tagann tiugh-lacht as an gcrann áirighthe seo ar nós an bhainne: sughlach reamhar. Budh dhiail an tiugh-láimhsiughadh a deineadh ar a raibh d'iasc ann is a rádh gur hionnramháladh é go léir in aon ló: do corruigheadh go minic minic, tapaidh leis na lámhaibh. Táthar ag tiugh-leasughadh i ngach páirc is gort ar fuaid na dúthaighe: ag cur leasuighthe ar an dtalamh chómh mear agus is féidir, agus a dhóthain de. Má tá an leabhar san críochnuighthe agat ó thugas duit é tá tiugh-léigheamh déanta agat air: é léighte go luath, tapaidh. Tagann an saghas so eitealláin anuas cruinn díreach ar an dtarga agus éirighid airís go tiugh-luaimneach: ar an dtoirt. Cad b'fhéidir liom do dhéanamh is na tiugh-mháidhte go léir a bhí ag teacht orm: mádh gach cárta ag teacht orm. Leig dom féin, táim ag tiugh-mhachtnamh cad is ceart dom do dhéanamh: ag suathadh go mear trím aigne. Aon tor níl aige sin ar dhubhluachair an tsaoghail, tá tiugh-mhaoin bailighthe aige i dtaisce lé fada: cuid mhór strusa air. Mara mbír ag tiugh-mheascadh na praisce ceanglóchaidh sí de thaobh an áruis: ag meascadh gan staonadh. Tagann saghas éigin tiugh-mheisce air gan puinn do bheith ólta aige: ar an dtoirt: gan puinn cúise. Sé an sionnach a thabharfadh an tiugh-mharbhadh do chearcaibh dá bhfaghadh sé amus ortha: budh gheairrid an mhoill air deireadh do chur leis an uile cheann aca. Is deacair don té go mbíonn tiugh-mhuirghean óg air beatha mhaith do thabhairt in aimsir bhroide mar seo:

muirear iomadamhail. Thugas fé ndeara tiugh-mhúr thiar-theas indiu ná raibh aon deaghchuma air: tulca trom báistighe. Tá tiugh-nasc ar a bhéal aige ar eagla go stroillfeadh aonnidh uaidh a scéidhfeadh air: é dúnta go dlúith aige. Tiugh-néallta sa spéir i rith an gheimhridh go léir: scamaill mhóra, throma, dhorcha. Iomard ag imtheacht go tiugh-obann ar a n-arm ó ló go ló: go trom, ró-mhinic. Luathuigh nó beidh sé ina thiugh-oidhche ort sara mbeidh a fhios agat cá mbeir: ina hoidhche dhorcha. Táim dall amach ag an saoghal, tá go haonnidh ina thiugh-oidhche orm: dorcha, doiléir. Ní stadann sé ach ag tiugh-órdughadh orainn, tá an diabhal féin lé déine air: ní túisce bhíonn órdughadh tugtha aige ná leanann ceann eile é. Creidim-se, mhaise, dá mhéid séanadh dhá dhéanamh aige ar aon lámh ná ladhar do bheith aige ionta go raibh tiugh-pháirt aige leó: go dlúith ina bpáirtidheacht. As an dtiugh-pháirteachas do bhí aige sa chogadh fuair sé táille mór: an méid do dhein sé ann. Cuireadh i bhfighis orainn an coca do thiugh-phasáilt: go maith is go daingean. Go han-mhinic tagann tiugh-phian amach trí bhas mo shlinneán: greadadh te, mear. Deineann sé tiugh-phingne lé heitim ar an mangaireacht so, ach sin a mbíonn ann: pingnidhe sochair i ngiorracht aimsire. Nuair bhíonn sé ag itheadh bíonn sé ag tiugh-phriocadh ar nós na circe: prioc preac aige ar an mbiadh. Bíonn tiugh-phusa ar an ngormán ná bíonn ar an bhfear bán: reamhar-phusa. Tháinig tiugh-rabharta feirge a shaoileas ná fágfadh é: fearg ina tulcaidhibh ag séideadh fé. An t-airceachán ní fhéadfadh sé gan luighe leis an ndigh nuair chonnaic sé mar dubhairt sé féin ag teacht air ina tiugh-rabharta í: ina slaodaibh gan staon. Dá bhfeictheá ag tiugh-raideadh airgid é nuair théigheann sé 'on chathair scannróchadh sé thu: ghá chaitheamh go rabairneach. Budh chuibhe dhóibh gan an tiugh-rádh do thabhairt ar an gcoróin: é do rádh ró-thapaidh. Dá mbeinn ag tiugh-réabadh an tighe ó shoin, ní bhuailfeadh an nidh a bhí uaim liom: ag cuardach go mion is go dícheallach i ngach cúil de. Tagann tiugh-rachta feirge air is nuair thagann, i bhfad uaidh dob fhearr leat do bheith: rachta troma in an-ghiorracht dá chéile. Nách í an allait thiugh-reamhar: reamhar gan bheith bog ná séidte i bhfeóil. Is é a chuirfeadh de go tiugh-reathach dá bhfeiceadh sé an namhaid ag teacht mar ná fuil mór-mheisnigh ach ar a bheál: go luath, géar, láidir. Ar maidin bhí na sléibhte tiugh-reóidhte: sioc is leac oighir chruaidh ortha. Friothálaidhe atá ábalta ar thiugh-riar do dhéanamh ar chuid mhaith é seo: biadh do chur ós a gcómhair gan mór-mhoill. Seo chughainn ina thiugh-rás é: ar lán an bhata: ar a dhícheall mór. Tiugh-shluaighte aingeal go raibh tímcheall do bháis: na táinte líonmhara. Boldaire leinbh ag tiugh-shughrac cíoch a mháthar: go láidir dícheallach. Siúd í an mhuc go raibh an tiugh-shaill uirthi: í cothuighthe cruaidh. Chuir an cnoc tiugh-shaothar orm, caithfead suidhe go dtagad chugham féin: luas mór anála orm is rith croidhe. Nách ort a tháinig an tiugh-scannradh gur theichis chómh luath: obann, trom. Gunnaidhe móra ag tiugh-scaoileadh de ló gus d'oidhche: urchair ag teacht asta chómh mear agus b'fhéidir iad do ládáil is do chaitheamh. Thug sí tiugh-shilleadh amháin súl orm is annsan níor fhéach a thuilleadh: féachaint an-ghrod. Níl aon éan a tiugh-sceineann mar an colúr nuair baintear geit as: a léimeann chómh luaimneach, pras leis. Gheóbhaidh a bhfuil de shean-photaidhibh shalacha ar fuaid an tighe tiugh-sciúirseáil uaithi ar an bhfuadar atá fúithi: sciorradh is glanadh luath, láidir. Ag tiugh-scoradh an éisc as na líontaibh chun cuir eile do thabhairt: ghá bhaint asta go pras, éascaidh. Is an-dheacair an leabaidh (prátaidhe etc.) do bhaint, tá an fiadhaile ina thiugh-scraith uirthi: fásta go dlúith trí chéile. Buaileadh im aigne go raibh rud éigin air ar an dtiugh-screadghail a bhí aige: gan puinn eaga idir gach aon dá scread. Chuir sé mórán cainnte sa leitir, ní fuláir, ar a thiugh-scríobhtha atá sí aige: na

focail cómh hathchomair, mion. Tá tiugh-scrios déanta agat ar an áit, níl faic fágtha id dhiaidh agat: chuadhais an-dhian air. Toisc an deabhaidh do bheith air dhein sé tiugh-scrúdughadh orainn: chuir sé ár gcúram de chómh luath is fhéad sé. Bád tirim, tiugh-shíomthuighthe, díon-uisce: go mbíonn a cláracha plainnc dlúth-churtha daingean ar a chéile is ná tairringeóchadh braon uisce. Na laetheanta so tá an cneadh ag tiugh-shileadh: braon nó uisce ag teacht aiste go flúirseach. Mo thruagh na fir bochta ar pháirc an bhuailte, is iad atá dhá thiugh-shíneadh: dhá threascairt ina sluaightibh is gan luigheadughadh. Thagadh tiugh-shiolla ar an mbád nár thaithnigh in ao'chor liom, smaoineadh dhom gur thuar gála é: siolla ar bhonnaibh a chéile. Tháinig tiugh-shuaill sa bhfarraige, cómhartha nár bh'fhada uainn droch-aimsir ghaothmhar: tonntacha borrtha an-gheairrid dá chéile. Ní réidhteóchadh na flaithis an tiugh-shiosma atá ar siubhal ar an mbaile sin lé fios cathain: achrann crosta. Is beag duine a chidhfeá go bhfuil tiugh-shiubhal mar é aige, ní fhéadfá congbháil ar chéim leis: céimeanna gearra, tapamhla. An coirce imthighthe gan mhaith ina tiugh-shlamás anuas ar a chéile: trom, dlúith ina shlaodaibh. Tiugh-shlaoda farraige a scannróchadh an t-anam i nduine ag pléascadh ar bórd chughainn: fearadaidhe móra, áidhbhéil ag teacht ar bhonnaibh a chéile. Feamnach ar gach carraig ag fás go tiugh-shlaodach: ina beartaibh móra, fada. Bíonn sé ag tiugh-shlogadh bídh mar bheadh muc: ag alpadh. Bhíodh sé ag dul des gach éinne aon riar do chur air ach ar mh'anam go bhfuiltear ghá thiugh-smachtughadh anois ó bhuail an máighistear ceart leis: go bhfuil sé dhá chur fé óighréir go mear. Má chuimhnigheann éinne ar aonnidh cóir chun ár bhfuascaltha is é é, tagann tiugh-smaointe chuige: buailtear rudaidhe ina aigne go hobann. Leig dom go fóillín, táim ag tiugh-smaoineamh cad budh cheart dom do dhéanamh: ag suathadh m'aigne go géar, láidir d'fhéachaint cad budh mhaith dhom. Beidh tiugh-stolladh ar iasc lá an mhargaidh, tá sé an-tearc: beidh éileamh mór air. Tá tiugh-smior ina chnámhaibh seo agus tugann sé uaidh é nuair bhíonn an tástáil air: mianach agus fulang iongtach. Ar feadh an tráthnóna go léir níor fhág tiugh-smúit an spéir ná feicfeá faic aice: dlúith, dorcha. Tiugh-smut adhmaid ná bainfí puinn áise as mara gcuirfeá chun teineadh é: reamhar, cruinn. Cuireadh tiugh-shnadhm ort, a mhic, an lá phósair, ná scaoilfidh faic ach an bás: ceangal daingean. Stoca maith cluthair i gcóir an gheimhridh é sin ar an dtiugh-shnáthach atá ann: na snáithínidhe atá ghá chnotáil fighte go dlúith, cómhgarach dá chéile. Chuir sé tiugh-shnaidhmeanna gáiridhe orm lé n-a chuid grinn: gáiridhe ná féadfainn do chosc. Ar an gclódh atá air tá tiugh-shnoidhe air, is ní fada mhairfidh sé: é ag caitheamh go tapaidh. Níor bh'fhéidir leis an oidhche bheith chómh déidheannach san, mar chonnac tiugh-sholas ar: solas mór. Leis an dtiugh-shoc atá ar an muic sin thóchfadh aon áit síos go gaoidhean: soc cruaidh, fuinnte. Caithfir tiugh-shobal do chur fén gcorrán féasóige sin agat má tá fonn ort tú féin do bhearradh: sobal reamhar, trom. Chuireas an capaillín ag tiugh-shodar d'fhonn agus ná béarfadh deireannaighe ar an mbóthar orm: sodar deas cruaidh, tapaidh do bhaint as. I dtiugh-shoillse an lae chonnac é, connus d'fhéadfainn dearmhad do bheith orm ina thaobh: lé lán-sholas an lae. Bím ag tiugh-sholáthar dom scata leanbh d'iarraidh bídh is beatha do choimeád dóibh: ag lorg ar mo chruaidh-dhícheall. Ní haon mhaith dhom na rudaidhe tanaidhe sin, tiugh-spallaidhe atá uaim lé cur fés na carraigeachaibh seo: rudaidhe go mbeidh toirt ionta. Móidighim ná féadfainn foidhneamh leis ag tiugh-spalpadh éithigh go neimhiongtach, neamhnáireach: díreach mar budh mhaith leis. Cad é do mheas ar an dtiugh-spéir sin lastuadh?: spéir throm, scamallach. Ó tá an diabhal riamh air is croidhe mór aige déanfaidh sé tiugh-spréidheadh ar ar fágadh d'airgead aige: scaipeadh mear. Ní

théigheann aon stad air ach ag tiugh-stracaireacht orm: ag tarrac gan sos. Deineann sé tiugh-shraoth, níl aon bhaoghal ná go bhfuil slaghdán trom air: sraoth go han-mhinic. Deineann tiugh-shruth den abhainn nuair bhíonn tuile innte: bíonn sí ag gluaiseacht go fuadrach, mear. Ní maith liom ar bóthar é, deineann sé tiugh-stadanna: stadann sé ró-mhinic. Bhodharfadh sé ag tiugh-stealladh éithigh: ghá scaoileadh uaidh gan aon mhairg. Bhain sé tiugh-stéigeanna anuas den gcreatlach mairt: stéigeacha reamhra. Ná bainfeá tiugh-stráice dhe, cad é an mhaith an ribín beag san?: ceann taithigeach. As an dtiugh-shuan atá anois air ní dhúiseóchadh buabhall é: trom-chodladh. Ní thiormóchadh aon raic ar an gcladach ann ar an dtiugh-shubh a bhí ann: subh ag teacht 'sag imtheacht gan aon tsuaimhneas. Gainnimh nách mór an mhoill uirthi uisce do thiugh-shughadh: do tharrac innte go tapaidh. Bíodh tiugh-shúil agat ar an gcladhaire sin ar eagla go n-éalóchadh uainn: féach go mion agus minic air. Nách mór atáid lé chéile, anocht an chéad uair aca ag bualadh lé chéile, sin í an tiugh-shuirghe agat: suirghe nár tugadh faillighe innte. Tagann an fharraige ina tiugh-thonntaibh cois talmhan: bíd níos giorra dá chéile ná mar bhíd amach fén mbóchna. Dá dtabharthá tiugh-tharrac do bhradán is móide go mbrisfeadh do dharadha: tarrac neamhréidh, neamhshocair. Na saighdiúiridhe bochta ag tiugh-threascairt a chéile go mbíonn an machaire lán díobh: ag déanamh mór-áir.

tiughadas: *f.1.* reimhre, toirteamhlacht, dlúitheacht, fuinnteacht, minicigheacht, flúirse. Thoigh sí an t-éadach lé n-a thiughadas, dar léi gur mó an seasamh is an caitheamh a thabharfadh uaidh é do bheith mar sin: taithigheacht. Níl an súp so chómh maith sin ar fad, níl an tiughadas ann: an reimhre, scabhárd. A thiughadas agus tá san fighte, níl aon bhaoghal go bhfeicfeá an solas tríd: a dhlúithe atá na snáithínidhe ar a chéile. Nách gearrid an eaga do caitheadh leis an obair seo, budh mhór an tiughadas saothair é: deabhadh, deithneas. Níl cao ró-mhaith ag an móin ar thiormughadh lé n-a tiughadas ar a chéile: a athchomaireacht atá na fóid dá chéile. Beag-chao a bhí agam ar me féin do chosaint is a thiughadas a bhí buillidhe ag teacht orm: minicighe. An dtugair fé ndeara tiughadas a dhéanamh? is cosamhail go bhfuil neart ann: fuinnteacht. Ní fuláir nó bíonn cúram mór éigin san áit sin ort is a thiughadas a théighir ann: a mhinicighe: tugair mórán turus ann. Ní deacair a thuigsint go raibh sé ar meisce airéir agus tiughadas a theangan indiu: a neamhshoiléire a chuireann sé cainnt. Ar an dtiughadas siubhail atá fé ní fada bheidh sé ag cur smut de bhóthar de: a thapamhlacht is éascaidhe. Tháinig sé i dtiughadas na báistighe is uisce go croiceann air: corp-lár: an t-am budh thruime í. Ná bíodh aon spáráil ort, tá tiughadas airgid agam-sa lé caitheamh: flúirse. Ní fhoghlumóchadh san faic lé tiughadas a chinn: a reimhre. A thiughadas a fhasann buachaláin bhuidhe ní fhéadfá a stathadh: a líonmhaire.

tiughaim: *b.a. & n-a.* reamhruighim, dlúthuighim, méaduighim, luathuighim, flúirsighim. Tiughaidh ar a chéile na leabhartha san, táid ró-fhánach: druid lé chéile iad. Tiughaidh ar do láimh, táir an-mhall ar fad: luathuigh, deifrigh. Tiughadh na buillidhe orm, b'éigean dom stad nuair bhí an iomad im choinnibh: méaduigheadh iad: cuireadh breis agus breis aca ina luighe orm. Do thiughaidh mo theanga orm ná tiocfadh focal asam: reamhruigh sí, d'ath sí. Do thiughaidh agus do theann orm nuair chuala an droichscéal díreach ar bhonnaibh a raibh d'iomard cheana tagtha orm: bhailigh is chumhanguigh an cruadhtan.

tiughas: *f.1.* (**tiughadas**) mire, reimhre, etc. Ní choimeádfadh do shúil radharc ar a cosaibh ag rinnce lé n-a dtiughas: a luaithe agus a éascaidhe a ghluaisidís. Lé tiughas a labhartha ní fhéadfainn an céadamhadh cuid do scríobh uaidh: luas: tapamhlacht. Bheadh tiughas a teangan súd ró-mhaith dhuit in aon argóint: a mhéid agus a thapamhlacht a chuirfeadh sí cainnt di. Bheadh thiar orm nuair treascradh sa díg me mara mbeadh a thiughas a thángthas ag fóirthint orm: a thapamhlacht: a dheithneasaighe a thángthas chun mo chabhartha. Is áidhbhéil iad ubhla, deirtear, ambliadhna lé n-a dtiughas, a liacht ar go haon chrann díobh: a bhflúirse: iomadamhlacht. Níor thaithnigh sé in ao'chor leo a thiughas a dheinis dearmhad eile thar éis a gheallamhaint go mbeifeá chomh haireach: a luaithe. Ar a thiughas a gheibhir scéala ar an gcogadh táir an-eólgaiseach air: a mhine is a mhinicighe. Ar a thiughas a bhí airgead aige shaoileas ná caithfeadh sé a dheireadh choidhche, bhí sé ina chruachaibh aige: a fhlúirsighe. Tiughas a fuilt: muirearacht.

tiughchaint: *b.2.* (*-ughadh*, *-chtaint*) reamhrughadh, dlúthughadh, méadughadh, flúirsiughadh, do dhul i minicighe. Tá chughat, tá an spéir ag tiughchaint: tá droichshín air, tá scamaill etc. ag bailiughadh anáirde. Dá fhaid siar cois farraige is ag tiughchaint atá na daoine: ag dul i líonmhaire. Ag tiughchaint orainn a bhí an sneachtadh: ag dul i méid is i dtruime. Ag tiughchaint atá na cam-fheóthain: breis aca ag teacht. Budh thruagh choidhche an saoghal bheith ag tiughchaint air, mar b'é sin fear an chroidhe mhóir: bheith ag dul in olcas is i ndéine air. Bí ag tiughchaint ar do chéim, táir árd-mhall: luathuigh ar an siubhal. Ag tiughchaint atá an fharraige annso: na tonnaidheacha ag teacht níos minicighe is níos giorra dá chéile. Cré úcaire chun tiuighte (tiughachainte, tiúighte): reamhruighthe. Ag tiughchaint an tsúip lé min choirce do chur ann: é do reamhrughadh.

tiughlach: *f.1.* dríodar, moirt, deascadh. Bíodh an tiughlach agam-sa, sin é é, ach ná fuil sé maith mo dhóthain dom: an dríodar: an méid a fhanas ar thóin an áruis: an chuid is measa.

tiúin: *b.2.* fonn, gnaoi, órdughadh, réidhteach. Cuir an bheidhlín i dtiúin: teann na sreanganna go mbíonn an foghar fíor-cheart aca ar theangmháil leó. An bhfuil gach aon nidh i dtiúin anois againn?: in órdughadh. A pháipéar dhá léigheamh aige is a phíp i dtiúin: tobac innte is é ag tarrac uirthi go subháilceach. Fuaireas i dtiúin mhaith é, níor dheacair labhairt leis: gnaoi mhaith air.

tiul: *uaillbhreas* pléasc, caith. "Tiul! Tiul!" deirtear nuair caithtear urchar nó aon rud go mbíonn fuinneamh leis nó a dheineas glór cruaidh. Airgead dhá dhéanamh agam ann chómh tiugh lé tiul: gan aon mhoill ná aon duadh. Nocht an gluaisteán an cúinne chómh tiugh lé tiul: mar thiocfadh urchar as béal gunna. Chuaidh an t-iasc 'on líon d'aon tiul!: d'aon iarracht. Tógadh ó thalamh me d'aon tiul: gan choinne ar bith agam leis. Tógadh an chathair d'aon tiul: d'aon iarracht amháin.

tiúthaidhe: *f.4.* luid, pioc, faic. "An bhfuil airgead agat?" – "tiúthaidhe!": luid: cianóg. Thar éis mo lae is mo dhuaidh, níl tiúthaidhe agam: faic in ao'chor.

tlacht: *b.3.* clúdach, gnúis, culaith, caille, cochall, folach, cosaint, gléas, talamh. Cuir tlacht éigin ar t'aghaidh is ní aithneóchaidh neach thu: folach: clúdach. Cad chuige an

tlacht bróin? cé leat a cailleadh?: bréid dhubh. Cuir tlacht ar an bhfuinneóig ná bíodh na daoine ag féachaint isteach i gcoim oidhche orainn: scáth. Féach air, ná fuil tlacht na macántachta air: gné is gnúis. Ní bheadh a fhios agat cá mbeadh rud aige sin, bheadh sé fé thlacht aige ná faigheadh duine ná daon amach é seachas é féin: i bhfolach. Go raghaidh sé i dtlacht ní ghéillfidh sé, duine ró-cheanndáine atá ann: síos 'on chré. B'fhearr liom bheith fé thlacht ná ag éisteacht leat, bíonn an oiread san aitis ar siubhal agat: adhlactha: i dtalamh. Sin tlacht dlúith, an gorm san: dath ná rithfidh lé huisce.

tlachtmhar: *a.* aoibhinn, deagh-ghnúiseacht, deagh-ghnaoidheach, dathamhail, scléipeamhail. Cuma bhreágh, thlachtmhar uirthi go deimhin, níl éinne ná go dtabharfadh gean di: dathamhail, taithneamhach. Duine tlachtmhar atá ann gur mhian leat a choidreamh: deaghghnúiseach: go dtéidheamhófá leis ar fhéachaint air. Phós sé bean thlachtmhar go raibh ádhbhar dá haois tagtha: bean dhathamhail, churanta, lán d'anam is d'anáil. Gheóbhfar amach fós an uile fhocal de, ní gábhadh dhuit bheith chómh tlachtmhar air: foithineamhail, rúnda. Is tlachtmhar liom suidhe it aice, mar is binn liom choidhche do ghlór: is áthastamhail, sásta.

tlachtmhaire(acht): *b.4. & 3.* dathamhlacht, aoibhneacht. Cé ná tabharfadh gean dá tlachtmhaire(acht)? féach ar a gné is ar a gnúis nár thaithneamhach lé héinne iad: a cuma sho-amhairc. Níl aon bhaoghal ná go bhfuil an tlachtmhaire(acht) greanta ina haghaidh: subháilceas is soilbhreacht.

tlachtuighim: *b.a.* clúduighim, foluighim, ceilim, adhlacaim, dathuighim, cuirim gléas i . Thlachtuigh sí a haghaidh uaim lé n-a binn lé támáilteacht: d'fholuigh. Ná tlachtuigh aon faic orm-sa, t'atúrnae, is fearra dhuit an fhírinne d'innsint: ná ceil. Tlachtuigheadh na gunnaidhe ar eagla a bhfaghálatha ag an lucht ceannais: cuireadh i dtalamh.

tlachtughadh: *f.* (*-uighthe*) clúdughadh, clúdach, adhlacadh, folach, ceilt, dathughadh, gléasadh. Ní inneósadh éinne faic dom, táthar ag tlachtughadh mórchoda orm, ní maith leó go mbeadh a fhios agam: ag ceilt. Ná bí ag tlachtughadh do chinn orm-sa, tá a fhios agam cé atá ann: ag folach ó aitheantas. Beireadh ar an bhfoghlaidhe ag tlachtughadh an óir a bhí goidte aige: ghá chur fé thalamh. Ag tlachtughadh a bróg go dtí go bhfeicfeá thu féin ionta: ag cur gléasa ionta.

tláith: *a.* maoith, lag, leóchaileach, sochma, miochair, cneasta, neamhbrígheach, plámásach, slíogach, cluain-bheartach. Ó nách í a bhíonn go tláith liom, an feallaire, im láthair agus annsan go cúlchainnteach. Budh dhóigh lé duine gur liom féin ar fad í: sleamhain, slíogach, ag dul tríom isteach lé cneastacht is deiseacht. Bí tláith leis an leanbh is ní bheidh aon scáth air rómhat: cneasta, caoin. Nách tláith atáid lé chéile agus dá aindeóin sin an t-olc dhá chothughadh aca istigh ina gcroidhe: lághach, miochair. Pé cruadhtan a bheireann orainn caithfear admháilt go mbímíd an-thláith lé chéile: go réidhtighimíd go maith. Seachain thu féin air, tá béal an-thláith air, budh gheairrid an mhoill air do dhíoghbháil do dhéanamh: tá cluain ina ráidhthibh. Thar éis í do chómhairleach gur bh'fhearra dhi agus dos gach nduine eile í do dhul abhaile ghluais sí go tláith liom, gan cos do chur i dteannta a thuilleadh: go sochma, toilteanach. Sínte go tláith ar a leabaidh gan cuma ná fonn éirighthe air: go lag, fann. Iarrachtaidhe tláithe atá

dhá thabhairt aige ar aonnidh do dhéanamh do féin, fanfaidh sé choidhche ar a thóin: laga, gan éifeacht. Scríobhas leitir chómh tláith chúichi is b'fhéidir liom, d'iarras maitheamhnachas is uile uirthi: cómh cneasta, mín. Is tláithe go mór as a bhéal é 'ná as a ghníomh: focal bog, beart chruaidh.

tláith-, tláth-: *i gcfbh.* bog, caoin, cneasta. Thabharfadh sé tláth-aighneas go leór duit, ach an diabhal faic as a phóca: cainnt bhreágh, bhog, lághach. An tláth-aghaidh a bhíonn air nuair theastuigheann nidh uaidh, budh dhóigh leat gur leat féin é go léir: an crot cneasta, caoin a chuireann sé air féin. Nách é labhrann go tláith-bhinn lé staigínidhibh, leadhbfadh sé a gcosa dhóibh: go lághach is go slíomtha. A chailín tláith-bhog, thabharfainn cion mo chroidhe dhuit: caoin, modhamhail. A folt tláith-bhuidhe ag tidheacht dá guailnibh síos: bog, mín, réidh, síodamhail. Sin í an tláth-chosaint atá siad ábalta ar dhéanamh ortha féin gan armáil ná lón cogaidh: cosaint fhann, gan puinn brighe. Mheallfadh an tláith-dearca croidhe aon fhir: a súile cneasta, geanamhla.

tláithe(acht): *b.4. & 3.* (**tláthacht**) buighe, maoithe, caoine, cneastacht, fainne, luige, sochmacht, piteántacht. An bhfuil aon tláithe(acht) ag dul ar an gcogadh? an bhfuilid chomh fíochmhar in aghaidh a chéile is bhíodar riamh?: aon mhíniughadh: lagughadh. Ní thiocfaidh sé chun tláithe(achta) choidhche airís leó, goineadh go ró-mhór é: chun cneastachta. Cá ngeóbhadh tláithe(acht) a chroidhe?: gheóbhfá aon rud uaidh: maoithe: an tsochroidheacht atá ann. An iomad tláithe fuaireas uatha a chuir teasbach ort, dá mbeifeá níos déine leat bheifeá níos míne: cneastacht. A thláithe théigheann sé ag déanamh gach aon tsaghas oibre níos deacra ná a chéile dhóibh gan oiread is drundam: a mhíne is a mhacánta. An tláithe(acht) go léir a bhrisfeadh do chroidhe, budh dhóigh leat go leadhbfadh sé cneadhtha dhíot!: lághaiche: soilbhreacht chainnte is meóin. Ní maith liom a choidreamh ná a chuideachta, tá an iomad tláithe ag baint leis dom, a chainntín chaol atá aige is na béasa mná: piteántacht. Ní thabharfadh sé fé shnámh ann le tláithe(acht) croidhe, bheadh eagla air go mbáidhfí é: meathtacht.

tláithínteacht: *b.3.* plámás, lághaiche, meallaireacht, síbhialtacht, géilleamhlacht. Is mór go léir an tláithínteacht a theastuigheas chun teacht, nách éachtach an fear é 'e bhreis ar éinne eile: an mheallaireacht: cuimilt baise. Tagaimís chun tláithínteachta leó, caithimís uainn seanfhalaidhe: chun muinnteardhais is síothchána. Bí ag tláithínteacht leis, b'fhéidir go n-imtheóchadh an phúic de: bí caoin-bhriathrach, cneasta, is go n-imtheóchadh an mhío-ghnaoi de. Níl aon tláithínteacht uaim ach mo cheart: peataidheacht. Fé thlacht na tláithínteachta úd ar fad do bhí mío-rún agus droch-aigne, an chuimilt bhas, an tsléachtaint, an "seadh" agus "ní headh" mar oireadh do: an mór-fhómós. Airgead is bun don dtláithínteacht so: an tslighe mhín, chneasta a labhartar is a ghnítear. Tháinig an madra ag tláithínteacht liom, in aice liom: ag lútáil: ag éileamh mo mhuinnteardhais.

tlás: *f.1.* buige, géilleadh, fainne, scáinteacht, tnáthacht. Ó an-bhroid an tláis: ó ghéibhean thuirse na haigne. An dá arm ag gabháil ar a chéile de ló agus d'oidhche gan scur gan tlás: gan staonadh: gan aon rian go rabhadar tnáidhte den gcath. Ní thiocfadh aon tlás air bualadh isteach is labhairt leis an uachtarán gan chuireadh, gan iarraidh: scáithínteacht: cúthaileacht.

tláthughadh: *f.* (*-uighthe*) lagughadh, claoidheachtaint, ceannsughadh, míniughadh. Aon tláthughadh níl tagtha ar chómhachtaibh an chogaidh, táid chómh nimhneach is bhíodar an lá do thosnuigheadar: aon staonadh ná lagughadh buailte. Ní raibh focal cneasta im chloigeann ná go ndubhart leis d'iarraidh é do thláthughadh ach ag éirghe air do bhí, ní ghéillfeadh sé pioc: do cheannsughadh. D'iarraidh sinn do thláthughadh lé fóirneart is gorta tá sí riamh, ach tá ár spirid chómh cealgach ina coinnibh is bhí riamh: do chlaoidheachtaint. Leis an aois ag teacht air, tá sé ag tláthughadh, níl sé chómh bruigheantach, achrannach is bhíodh sé: ag maolughadh, míniughadh. Beidh sé ag tláthughadh leat i ndiaidh a chéile nuair chuirfir breis aithne air: ag dul i muinnteardhas: raghaidh sé i gcneastacht.

tláthuighim: *b.a. & n-a.* laguighim, maoluighim, mínighim, claoidhim, smachtuighim. Tláthóchaidh an saoghal agus an aimsir é sin, imtheóchaidh an réim is an fuadar de: míneóchaidh: ísleóchaidh. Thláthóchadh breab an-bheag é, bheadh sé chómh balbh lé cloich: chiúnóchadh. Obair is caol-bhiadh an rud a thláthóchaidh an barránach fuadrach san: mhíneóchaidh. Is beag duine ná go dtláthuigheann an t-airgead, bíonn dath an-thaithneamhach air: ná go bhfaghann an buaidh air lé dúil ann. Níor thláthuigh Sasana riamh sinn dá mhéid a han-bhroid orainn, gach cao dá bhfuaireamair chuireamair in iúil di ná rabhamair sásta lé n-a gall-smacht: níor chlaoidh. Tláthóchad leis an aimsir b'fhéidir, ach fé láthair táim ró-ghonta chun maithimh: maolóchad, stríocfad. Tláthuigh é, is b'fhéidir go mbeadh sé muinnteardha: bí cneasta leis: cuimil do bhas de.

tláthuighthe: *a.r.* maoluighthe, ciúnuighthe, smachtuighthe, claoidhte. Tá sé tláthuighthe agam lé breis den gcineáltas, tá sé chómh muinnteardha agus b'fhéidir: ciúnuigthe. Cé go bhfuilid claoidhte ar pháirc an chatha, nílid tláthuighthe fós, tá cuid mhór, mhaith dhíobh ag déanamh uisce fé thalamh: smachtuighthe.

tlúgh: *f.1.* (*iol.* tlúighte) úirlis dá bheann greamuighthe ar mhaideóig; ursal. Tlúgh na teineadh: a bheartuigheas is a chóirigheas í. Tlúgh lín: úirlis chun a hionnramhála. Ní bhéarfainn lé tlúgh air: ró-dhéisteanach chun aon bhaint do bheith agam leis. An tlúgh atá tuillte: é do bhualadh leis. Ní fiú tlúgh gan tairnge é: rud neamhthairbheach amach 'samach.

tlúgháil: *b.3.* bualadh lé tlúgh, an ros do bhaint as an líon. Ag tlúgháil lín. Dhéanfadh sé maitheas duit dá bhfaghthá tlúgháil amach an doras, ag breacadh do lorgan leis an dteine: an tlúgh do chur ag rinnce ort.

tlútughálaim: *b.a.* buailim lé tlúgh, bainim an ros as líon. Thlúgháladh a bhean é, bhíodh sé scannruighthe ina bheathaidh roimpe: ghaibheadh den dtlúgh air.

tnáchadh: *f.* (*chta*) tnáthadh, claoidhe, tuirsiughadh, caitheamh, lagughadh. Tá i bhfad an iomad oibre orm, táim dhá thnáchadh aice, ní mór go bhfuil mo sheasamh agam: thraochadh. Bhíos dhá thnáchadh ag an gcodladh ní fhéadfainn mo shúile do chongbháil ar oscailt, dhá oidhche bonn ar bonn gan aon néall: traochadh. Tnáchadh an tsaoghail is na haimsire atá ag teacht liom: an tuirse a leanas an strus do chuireann ar dhuine. Is mór

an tnáchadh atá fachta agam uaibh d'iarraidh teacht suas libh: suathadh is tuirsiughadh. Gheóbhaidh sé a thuilleadh tnáchadh ón mbás sara n-árdóchaidh leis é: suathadh agus tuargaint. An réim chéadna ní bhíonn fé agus bhíodh tá tnáchadh déanta air: claoidhe tugtha air.

tnáchaim: *b.a.* tnáthaim, claoidhim, suathaim, tuirisighim, lagaim, laguighim, traochaim. Thnáchfadh ceal codlata duine, beir chómh maith lé rud ar bith eile: thraochfadh. Tnáchfaidh an cnoc me, tá sé ró-árd, ró-ghéar dom: tuirseochaidh. Tnáchann ceal an chodlata í nuair atá an oiread airneáin ag breith uirthe: traochann amach: ní fhágann aon bhrigh innte.

tnáchta: *a.r.* claoidhte, cortha, traochta, tuirsighthe. Bhí na saighdiúiridhe tnáchta ó bheith ag troid ar feadh na seachtmhaine ar bheagán bídh is codlata: cortha: tugtha. Ní fada uaim an lá anois, táim tnáchta ag an aois: buailte amach: mo ré caithte.

tnáithte: *a.r.* claoidhte, cortha, traochta, tugtha, cnaoidhte. Táim tnáithte agat d'iarraidh tú choimeád id sheasamh: cortha: lag-bhrigheach. Táid tnáithte ag an lá, dheineadar an iomad: tugtha: níl ionta a thuilleadh do dhéanamh. Marbh tnáithte ag an saoghal ataoi, ná béarfá fada air: cortha, traochta. Is tnáithte an rud d'fhear dul ró-fhada gan aon chodladh: marbhthach. Leath-bhliadhain amhán san dúthaigh mhío-fholláin úd is bíonn sé tnáithte: tugtha: gan mhaith.

tnáthadh: *f.* (*-ththa*) suathadh, traochadh, cluicheadh, tuirsiughadh. Lé dhá mhí anois tá an dá arm ag tnáthadh a chéile gan aon staonadh, d'iarraidh na cathrach do bhaint dá chéile: ag tuargaint 'sag tuirsiughadh. Tnáthadh gan tonachadh chughat: go gclaoidhidh an bás thu is nár fhaightear do chorp lé nighe! Ar an dtnáthadh atá fachta ón mbreóidhtigh aige mara mbeadh an neart a bhí ann bheadh sé árduighthe chun siubhail fadó riamh: tuargaint agus suathadh. Sheirbheáil sé me go raibh mo mhadra ag tnáthadh a chuid caorach: ghá ruagadh is ghá gcluiche. Is iomdha áit go bhfeaca dian-obair ach a leithéid de thnáthadh is a bhíonn i muileann iarainn ní bhíonn lé feicsint: greitheal is strus. Is mór an tnáthadh bhí ag éisteacht leis: chuirfeadh sé tuirse ort: bhodharfadh sé duine. Cé gur bhuaidh sé orm thugas tnáthadh maith dho: suathadh: chuireas trí n-a ughamachaibh é. Ní mór go bhféadfadh sé labhairt i gceart, bhítheas ghá thnáthadh le ceisteannaibh is faoidhthireacht: ghá choradh is ghá thraochadh.

tnáthadh: *f.* (*-aithte*) tuargaint; suathadh; buaidhreamh; coimheascar; tuirse; obair mharbhthach; fuadar le haon rud. Bhíomair dár dtnáthadh go maith ag an ngaoith is ag an dtaoide in am is gur bhog sé, ní fada eile sheasóchaimís é: traochadh: ag fagháil ár ndóthana dhe. Tnáthadh seadh bheith in aon bhóthar leat, cad fáth ná ceapair do shuaimhneas ar nós gach éinne?: suathadh, trangláil, buaidhreamh. B'éachtach an tnáthadh do thugadar dá chéile ag iomrascáil, duine aca ar lár agus duine aca airís: tuargaint thugtha: coimheascar cruaidh. Na fir, mar bheadh scata amadán, ghá fhéachaint lé chéile, d'iarraidh an fhir d'fhagháil, an tnáthadh uathbhásach, an saoiste is a theanga ina leathbhéal aige: an fuinneamh is an fuadar. An madra ag tnáthadh na gcaorach: ag tafant ró-dhian ortha. Cú lúthmhar ag tnáthadh an ghirrfhiaidh bhig: ghá chluicheadh, ghá thraochadh amach: é i ndeireadh na feide aice. Obair thnáithte bheith suidhte i gcathaoir

ag scríobhnóireacht ar feadh an lae: duaibhseamhail. Ní bheinn ghom thnáthadh féin ag cainnt leat: tuirsiughadh. An Rúis is an Ghearmáin ag tnáthadh a chéile ar dalladh an aimsir seo, na céadta mílte fear dhá mharbhadh ar gach taobh: iad d'iarraidh a chéile a chnaoidhe 'sa chur ar lár.

tnáthaim: (**tnáthuighim**) *b.a.* tuirsighim, claoidhim, cnaoidhim, coirim, cluichim, tuargaim, laguighim, suathaim, traochaim; tugaim me féin. Tabhair eaga dhom m'anál do tharrac, ná tnáthuigh me: ná coir amach ar fad me. Tnáthfaidh an fharraige fhiadhain sin iad tá sí ró-chrústuighthe ina gcoinnibh: claoidhfidh iad. Tnáthócaid féin a chéile ná beidh corruighe láimhe ná coise ionta tar éis an bhobhta so: tuirseóchaid a chéile go gcaithfid éirghe suas dá chéile. Do thnáthfadh sé an fear is fearr aca: raghadh sé go beilt an chloidhimh air. Tnáthann an bás cách: claoidheann. Cad bhí ar siubhal agat gur thnáthais (thnáthuighis) thu féin, níl corruighe na coise ionat: gur thraochais. Tnáthfaidh ceal an chodlata thu: traochfaidh ar fad. Cad a thnáthaidh é go bhfuil an codladh go léir air?: a choir, a chlaoidh é. Tnáthfaidh an bás gach éinne againn: claoidhfidh: cuirfidh ar lár. Tnáthfair me má bhír ghom ghuailneáil mar sin: suathfair: braithfead ag goilleamhaint ar mo chorp é. Tnáthadh ó thalamh na fir bhochta d'iarraidh talmhan do shroichstint i gcoinnibh an ghála: suathadh is traochadh. Thnáthaidh na madraidhe an chaora gur thuit an t-anam aiste: thraoch amach í. Tnáthann an tsíor-scríobhnóireacht so me, ní mór go mbíonn ionam corruighe tráthnóna thiar: coireann ar fad.

tnáthairt: *b.2.* do chor, thraochadh, lagughadh, chlaoidhe. B'é a cleas ó thúis deireadh leigeant don dá thaobh a chéile do thnáthairt, is nuair bheidís ró-lag an éadáil do bheith aice féin: a chlaoidhe go dtí go mbeidís gan bhrigh. Dá mhéid tnáthairt do thugadar do ní rabhadar ábalta ar bhuadhachtaint air: claoidheachtaint. Is mór an tnáthairt do shean-mhnaoi mar me bheith síos suas an staighre mar seo: lagughadh.

tnúithínteacht: *b.3.* braith ar nidh d'fhagháil ar chostas (bholg) an fhir thall; súil le rud d'fhagháil a bheadh flúirseach nó dhá riar. Um Nodlaig tagann duine ag tnúithínteacht go tigh: ag súil go bhfaghadh sé deoch, biadh, nó bronntanas. Nuair bhraith sé rud maith ar siubhal againn tháinig sé ag tnúithínteacht: ag boladhghail is ag súil go bhfaghadh sé cuid. Glan as mo radharc, ag tnúithínteacht ataoi ó rugadh tu: ag brath ar rud d'fhagháil ón bhfear thall gan aon chostas ort féin. Ná bí ag tnúithínteacht leis seo, a chait, mar ná faghair pioc de: ag meabhlaigh 'sag gabháil tímcheall air. Ag conntabhairt na dighe beir leat ná rabhas-sa ag tnúithínteacht lé héinne riamh, gur ghlaodhas mo chuid: ag brath ar éinne deoch do thabhairt dom.

tnúth: *f.3.* súil, dóchas lé, mianadh, in éad, i bhformad lé; ionchas; brath; dúil faghála, fuireachas, súilidheacht, dóigh, muinghin. Ag tnúth lé breith a chailleann an cearrbhach: i ndóchas go mbuaidhfeadh sé an turus áirighthe sin seadh a chuireann a gheall síos. Bíodh rud agat má fhéadair é, mar is fearr díol tnútha ná díol truaighe: is fearra dhuit formad do bheith leat rud do bheith agat 'ná bheith ag braith ar thruagh na ndaoine ar bheith dá cheal. "Is iomdha ógánach súil-ghlas ag tnúth lé n-a pósadh/ ach ní bhfaighidh siad mo rún-sa ar an gcúnntas is dóigh leó": i ndóchas go mbeadh sí mar chéile aige. Na trí nidhthe a líonas an iothla – tnúth is soláthar is síor-chaithis: súil lé gráinne, obair ar a shon, is bheith aireach, cúramach. Ná bíodh do thnúth lé hoiread agus pinginn den

airgead so: ná bíodh aon dóchas id chroidhe ina thaobh. Bhíodh sí ag tnúth is ag súil go dtiocfadh cion aige uirthi: súil aice lé hionchas go dtiocfadh gaoth éigin a chasfadh uirthi é. Is minic minic mé ag cuimhneamh uirthi, is ag tnúth cá mbíonn sí: ag machtnamh 'sag smaoineamh. Tnúth a ghníos treabhadh: súil go mbeadh rud éigin dá bharr ag duine a chuireas chun saothair é. Deirir ná tiocfair, ach mar sin féin beimíd ag tnúth leat: beidh ár súil anáirde go dtiocfair, mar sin is uile. An tnúth gránda atá istigh ina chroidhe lé héinne go mbíonn a bheag ná a mhór aige atá ag briseadh a chroidhe: an formad. Beidh mo bhád féin agam, ní bhead ag tnúth lé héinne: ag brath ar chách chun mo bheartha ar an uisce. "Ná caithfeá amach do chuid airgid" – "táim ag tnúth leat-sa": ag brath ort-sa é do dhéanamh ar dtúis. Beid ag tnúth mo bháis níos sia 'ná mar is dóigh leó: i ndóchas go dtárlóchaidh sé. B'é a thnúth i gcómhnaidhe bheith ina chaptaen farraige: a éirim: sin a bhí uaidh, is gur shaothruigh chun a bheith. "Is é an croidhe folláin beatha na feóla; acht lobhadh na gcnámh an tnúth" (Seanráidhte XIV. 30): formad fé mhaith chách. Is fada tnúth eatartha, iad d'iarraidh bráige do bhreith ar a chéile: cóimhéileamh: iad d'iarraidh a chéile do shárughadh.

tnúthach: *a.* formadamhail, formadach, éadmhar, dóchasach. Ní cóir duit bheith tnúthach lé héinne, cad tá caillte agat lé rud do bheith ged chómharsain: formad fé n-a mhaith nó rud nó breis do bheith aige 'ná bhíonn agat. Nách tnúthach an duine é, dar leis gur cheart do cuid des gach aonnidh a bhíos ar siubhal do bheith aige: éilmhear: a shúil anáirde lé rud gan buannacht air. Rud tnúthach ag duine an saidhbhreas, bítear maoidhteach ar an té go mbíonn sé aige: formadamhail: éadmhar.

tnúthach: *f.1.* duine formadamhail, cóimhéilightheóir, duine go mbíonn a shúil anáirde lé brabúch nó "alip": braithire. It thnúthach gránda féach cé ghlaodhfadh deoch duit: stocaire: failpéaraidhe. Budh mhór leis an dtnúthach luid sa tsaoghal do bheith agat: gaibheann sé thríd éinne do bheith níos fearr as 'ná é. Na tnúthaigh go léir bailighthe tímcheall uirthi i rachtaibh a chéile a sháthadh mar gheall uirthi: cóimhéilightheóiridhe.

tnúthaidheacht: *b.3.* súil, ionchas, i ndóchas faghála, braithireacht. Nílim ag déanamh aon tnúthaidheacht leis, is cuma liom agam nó uaim é: nílim ag déanamh aon ruda a chuirfeadh im threó é. An ag tnúthaidheacht lé tobac ataoi go bhfuilir ghá rádh go bhfuil an dúil go léir agat ann?: ag brath ar go bhfaghfadh cuid. Tagann sé an uile lá ag tnúthaidheacht ar bhiadh: a shúil anáirde go bhfaghadh. Ní mór an mhaith dhuit bheith ag tnúthaidheacht liom-sa, mar ná fuil faic agam do thabharfainn duit: in ionchas go bhfaghfá.

tnúthaim: *b.a. & n-a.* (**tnúthuighim**) dúilighim, mianuighim, maoidhim ar, bíonn formad agam lé, éilighim go neamh-ionraic, sanntuighim. Riamh níor thnúthuigheas an rud ná raibh buannacht agam air: níor chuireas dúil ina bheith agam. Ná tnúthuigh bean do chómharsan, peaca marbhthach é: ná sanntuigh í: ná bíodh mian a haithne agat. Ní thnúthuighim a bhean ghránda, gharbh-ghlórach air: b'fhearr liom uaim í: ní mhaoidhim air í. Níor thnúthaigh sé ar éinne riamh a chuid: níor mhaoidh. Is minic agus is lán-mhinic do thnúthuighim cad bhíonn ar siubhal aige sa chathair: bíonn fiosracht orm.

tnúthaire: *f.4.* falpaire, maoidhteóir, braithidhe, braithire. Tnúthaire diabhail nár bhain an croiceann de scilling riamh ach ag faire ar bhrabúch d'fhaghail ort-sa nó orm-sa: braithidhe: duine a bheadh ag boladhghail 'sag faire cao búntáiste do bheith aige ar bholg duine eile. Ní shanntuighim ceárd an tnúthaire: ní bhíonn formad agam leis an té a bhíos ag brath ar rud nó "ailp" d'fhaghail go bog ar chúnntas dhuine eile. Tnúthairidhe is mó a ghnáthuigheas an tigh tábhairne sin, fan uatha: daoine a bhíos ag brath ar chao dighe ó dhaoinibh eile.

tnúthaire: *f.4.* duine a bheadh ag leanamhaint na coise agat nó ag gnáthughadh áite le hionchas go bhfaigheadh síntiús éigin; gobadán; geócach; duine formadamhail. Anois go bhfuil sé gannachúiseach daor, is iomdha tnúthaire tobac tímcheall: duine a bhíos ghá chur i léith cuid d'fhaghail. Riamh ní fheaca in aon chuideachtain é ach ina thnúthaire, deoch níor chuala riamh dhá ghlaodhach aige: ina mhaidrín ag súil lé digh ós gach éinne. Tnúthairidhe gur mór leó cianóg do bheith ag éinne ach aca féin: dream formadamhail, gobadáin.

tnúthaireacht: *b.3.* súil lé rud éigin, ag súil le rud in aisce; failpéireacht, stocaireacht, súilidheacht, gan bhuannacht, in ionchas an nidh ná bíonn tuillte. Do shaoghal caithir ag tnúthaireacht ameasc gach aon chuideachtan: ag brath ar an rath rud éigin d'fhaghail. Ag tnúthaireacht ar dhigh: geócaireacht: ag faire is ag brath mar bheadh madra ar chnámh. An tnúthaireacht ag gabháil lastuas de, an scian tríd an gcroidhe aonnidh ag éinne ach aige féin: an formad: motháilt na droch-aigne dhá ghríosadh ag maith, ionmhas, buaic dhuine eile. Chuir sé dhe, d'aithnigh sé nár bh'aon tairbhe dho bheith ag tnúthaireacht ar dhaoinibh a bhí ag tnúthaireacht iad féin: ag brath ar rud d'fhaghail ar a mbolg. Nách táir an béas aige a cheann do sháthadh i ngach cuideachtain ag tnúthaireacht: in ionchas go bhfaghadh rud dá dhruim. Bhíos ag tnúthaireacht ar thoitín ó bhíodar chómh flúirseach aige, is gan gal lé seachtmhain agam: ag dul i dtreó cinn d'fhaghail.

tnúthálaidhe: *f.4.* geócach, bíodán; gobadán; éadaire, duine formadamhail, braithidhe; formadach. Chaithfeadh an tnúthálaidhe sin a lá 'sa shaoghal id chosaibh ag súil 'sag braithteól go bhfaigheadh sé brúscar éigin: gobadán: duine a bhíos ag súil is ag déanamh a ghéir-dhíchill ar é féin do chur in iúil in áit ná bíonn fáilte roimis. Tnúthálaidhe gur mór leis lé n-a sprionnlaitheacht is lé n-a dho-chroidheacht éinne do bheith ag siubhal na talmhan ach é: duine go ngabhann sé tríd go cnámh bail do bheith ar neach eile. Ag rith ina thnúthálaidhe ó thigh go tigh féach cá bhfaghadh sé béile bídh: duine a chuireas é féin i dtreó a fhaghála ar gach slighe gur féidir leis cuimhneamh air gan allus gan náire thríd air. An chnáimhseáil is an formad a bhíonn ar an dtnúthálaidhe aon rud d'fheicsint ge n-a chomharsain: maoidhteóir: duine gur mór leis aon rud bheith ag éinne is go ngoilleann air.

tnúthamhail: *a.* éadmhar, braithteólach, droch-aigeanta, formadamhail, mío-rúnda. Chaith sé seal maith go tnúthamhail ar imeallaibh na cuideachtan, uisce lé n-a fhiaclaibh is gan aon rud ag imtheacht i nganfhios do: ag súil lé cion de n-a raibh ar siubhal. An béal bocht atá uirthi agus an formad lé mnáibh a cómharsan, ag cainnt go tnúthamhail ortha: éadmhar. Ní raibh ógánach sa cheanntar ná raibh tnúthamhail leis toisc an chailín áluinn a bhí aige, ní mór ná gur bh'fhearr leó marbh é: formadamhail, éadmhar. Bhís ró-

thnúthamhail, ná tuig gur duit féin a deineadh an saoghal so ar fad: bhí súil leis an mbreis agat i neamhthairbhe daoine eile. Cad n-a thaobh aigne thnúthamhail do bheith mar sin agat gur b'olc leat maith éinne: mío-rúnda.

tnúthán: *f.1.* éad, dúil mhairbh; ionchas, súil, dóchas, muinghín i bhfagháil, mianadh; duine formadamhail, braithide (braithire), éadaire. Ag tnúthán liom-sa atá sé ar an gcogaint bhéalaidheacht atá air nuair chidheann sé rud agam-sa is gan faic aige féin: in éad: is mór leis é do bheith agam agus cráidhteacht dhóighte ar a chroidhe féin. Ag tnúthán lé greim bídh an t-aindeiseóir chaith sé an lá: ó chúl-doras go cúl-doras, is a chaolán tríd siar lé hocras: i ndóchas lé rud éigin trí eineach na ndaoine. Me ag tnúthán leis an té is baoghalach ná fillfidh mo shúil anáirde leis go láidir. Ar an dtnúthán a mhaireann sé: síor-lorg. Faid agus tá aithne agam ort ní fheaca thu ach ag tnúthán ar rud éigin i gcómhnaidhe: ag braith air is ag dul ina threó gan náire ná iongadh. Ag tnúthán lé biadh mar bheadh ainmhidhe ocrach: ag súil leis is ag rith ina dhiaidh. Dá luighead a bhíonn agam, agus dá dheacracht a thuillim é, bír ag tnúthán liom, sé an scian trís an gcroidhe agat é bheith agam: bíonn formad is éad ort liom: suathann sé thu. Ghlac tnúthán an domhain é leis an mbata greanta a bhí agam, agus a thúisce is fuair an chao air ghoid é: dúil aige ann. Dá n-itheadh sé fiche uair ist ló bheadh sé ag tnúthán lé biadh: ag súil go bhfaghadh sé dá mbeadh ar siubhal. Maireann sé ar an dtnúthán, ní fheicfeá faic dá chuid féin choidhche aige: ar an méid a gheibheann sé lé déircínteacht is ghá chur féin i dtreó gurb eól go mbíonn ar an lorg. Níl a thnúthán lé héinne, tá a dhóthain mór aige féin: níl sé ag súil lé haon rud ó neach ná ag brath air.

tnúthánach: *a.* dúlmhar, súilidheach. Dá mbeadh an biadh beirbhthe dathad uair sa ló bheadh sé tnúthánach leis, tá an oiread san dúlach aige ann: bheadh a shúil lé cuid de. Duine tnúthánach lé haon rud a bheadh ar siubhal, ní galánta é: go mbíonn súilidheacht aige lé cuid de.

tnúthóir: *f.3.* (**tnúthuightheóir**) duine formadamhail, sainnteamhail nó éadmhar. Ní mór ná go dtabharfadh an tnúthóir a mhallacht duit dá mbeadh aon speilp ort: duine go ngoillfeadh sé air bail do bheith ort. Dá mbeadh aon chonbharsáid gnótha agat leis an dtnúthóir, bheadh sé d'iarraidh an bhreis do bheith i gcómhnaidhe aige: duine sanntach. "Ní lugha liom an diabhal féin" ars an fear, "ná tnúthóir suarach a bhíonn ag síor-chnámhseáil is i bhformad": duine go dtollann bail an duine thall isteach go croidhe. Tnúthóir ban: go mbíonn éad mór air ina dtaobh.

thob: *f. uaillbhreas* ha amach! ar aghaidh! anáirde! "Thob!" adéarfaí dá mbeadh duine ag tabhairt marcaidheachta do leanbh. Thob! a chapall: ha amach! gluais! Beidh sé ar a thob aige bheith in am agus a dhícheall do dhéanamh: lé hiarracht láidir do thabhairt. Thug sé thob ar éirighe ach ní raibh sé de neart ann: eitim, iarracht. Bhíos ar thob a fhiafruighe dhe cad as é nuair tháinig duine ar an láthair: ar barrghail: ar tí.

tobac: *f. n-d.* plannda go n-óltar ina ghal a bhilleóga. "Tobac agus snaois is ar mhnaoi an tighe théigheann san": ar theacht do dhuine ar cuaird budh ghnáthach súil do bheith leo. Scine beag tobac a chuirfinn fén bhfiacail: billeóig: blúirín. Nuair bhíonn gabhair thobac ar dhaoinibh áirighthe raghaidís fén roth chuige: dúil cheart ann. Tabhair dom ionga

bheag thobac a chuirfinn fén bhfiacail: cáithnín. Ar do thórramh ná raibh sé mar thobac maran agat atá an dúil ann: níl duine a bhíos ag tnúthán. Gcloistí é? budh dhóigh leat gurb é thug an tobac go hÉirinn: tá sé ró-mhaoidhteach. "Is dóigh liom..." – "is dóigh leat-sa gur tobac an drol 'san tlúgh": deinir talamh slán des go haonnidh. An té a thabharfadh maiste tobac anois duit, is a ghannchúise atá sé bheifeá buidheach de. Ná raibh aon tobac i láthair do bháis: ná raibh tórramh ort!: nár faightear le cur thu.

tobacadóir: *f.3.* duine a bhíos ag trácht i dtobac.

tobadán: *f.1.* tónóg, duine íseal téagartha gan bheith ró-chórach. Connus a fhéadfadh an tobadán san do bheith ina dhóirneálaidhe mhaith, níl an scrothaidheacht ann ná an riochtaint aige: teann, íseal.

tobairín: *f.4.* tobar beag, duine a chómhnuigheas ar bhaile go dtugtar "an Tobar" air. Fuaireadh tobairín fola ar an mbóthar ins an áit gur lámhachadh é: logán. Chuaidh na tobairínidhe go léir 'on chúirt chun dearbhtha ar mo shon: muinntir an Tobair. Beidh an tobairín óg is an sean-thobairín ann: den líon tighe go bhfuil an ainm ortha.

tobán: *f.1.* árus adhmaid i bhfeirm soithigh; duine teann, íseal. Tobán uisce, feóla, etc. Lán an tobáin de cheann air: a cheann borrtha. Lán an tobáin de thóin: tón mhór thaithigheach. Múchadh an cat fé bhéal tobáin .i. tugadh a thón anáirde. Bád gan puinn maitheasa atá innte, ar nós an tobáin atá sí: gan an déanamh ceart uirthi. Cathain bheadh an bóthar san ar fad siubhalta ag an dtobán?: duine leathan, íseal gan scafántacht ná luainneacht.

tobar: *f.1.* poll doimhin cruinn a taighdtear sa talamh chun uisce do bhailiughadh; uisce ag fúscadh as an dtalamh go nádúrdha; túis. An tobar báistidhe: an t-árus ina gcoimeádtar an t-uisce coisreach chun leanbh do bhaisteadh. Tobar beannuighthe, ortha etc., go mbíonn baint ag naomh éigin leis, mar Tobar Ghobnaitean, Bhréanainn, etc. An uisce ón dtobar é seo?: fíor-uisce. Níl aon rud a bheadh aige ná go dtabharfadh sé do naoidhe an ghábhtair, sé tobar ceart na féile é: duine ná bíonn aon teóra lé n-a chuid flaitheamhlachta. A Thobair na Trócaire! A Dhia trí Tobair na Trócaire: na trí pearsanna diadha. Do folcadh é i dtobar na dtrí mbéithe: go bhfuair tréith na filidheachta. Ní raibh aon tobar ar an mbóthar ná gur dhein sos aige: tigh tábhairne. Lé holcas na haimsire bhris toibreacha amach i gcroidhe an bhóthair. Chuireadar toibreacha fola leis sar ar stadadar de bheith ag gabháil air: thairringeadar fuil trí mhórán áiteann ina chorp. Is rí-bhreágh an chuideachta é ar aon tsaghas a luadhfaí. Tobar eólais seadh é: níl aon teóra lé n-a chuid eólais. Téighir chun Tobar na Gaedhealainge má bhíonn fíor-eólas uait uirthi: an té go bhfuil sí aige go líomhtha agus go léigheanta. Ceann an-thinn atá aige, tá sé in aon tobar amháin: briste amach mar bheadh othar ag teacht tríd. Ní raibh abha riamh gan tobar: níl aon rud ná go mbíonn fáth ar shlighe éigin leis. "Is tobar beatha béal an duine ionraic; acht folcaigh fóiréigean béal na gcionntach" (Seanraidhte X. 11): áit go mbeidh ag teacht as do shíor.

tobhach: *f.1.* éileamh, lorg, do shreathadh. Ag tobhach chíosa orainn: ghá bhualadh. D'iarraidh ólacháin do thobhach orm dem aindeóin: ghá thafant orm go géar. Chúig phúint céad-tobhach na bliadhna: sreath cíosa.

tobháille: *f.4.* éadach chun lámh is aghtha do chuimilt is do thiormughadh.

tobhaim: *b.a.* buailim cáin, cíos, sreath ar; bailighim cíos etc. Tobhthaí císeanna troma ar na daoinibh gur dealbhuigheadh iad: buailtí agus baintí amach. Tobhtar cíos mór ar an mblúire beag talmhan san: loirgthear agus baintear amach é.

toch: *f. uaillbhreas* Toch! toch, ag glaodhach ar an muic (mucaibh).

tóch: *f.* (*-chta*) taighdeadh mar muic lé n-a soc, rómhar neamhshlachtmhar, polladh, útamáil cuardaigh. Sin tóch muice: an barra dearg do thugann muc ar bhán. Táim ag tóch i ngach poll is póirse ó mhaidean gan aon rud do bhualadh umam: ag cuardach 'sag útamáil. Cad é an tóch atá annsan ort?: cuardach: útamáil: ag gabháil trís gach rud mar bheadh ar lorg. An long ag tóch roimpe tríd an ngála: ag treabhadh go duaibhseamhail. Droichpheann í seo, bíonn sí ag tóch: ag dul ceangailte sa pháipéar. Bhíos ag tóch annso is annsúd fés na gasaibh: réapáil: ag taighdeadh is ag cuardach. Is áidhbhéil an tóch atá déanta lé seachtmhain ar an bpáirc sin: rómhar. Níor bhfhada in ao'chor an biadh ar an mbórd in am is go rabhadar ag tóch isteach ann: ag itheadh ar a ndícheall. Is deacair an bád do rámhaidheacht, deineann sí an iomad tóchta: téigheann sí ró-dhoimhin fén uisce. Chrom an madra ar thóch ar an gcoinín: taighdeadh tríd an gcré chun teacht air. B'fhearr liom teacht agus iad do thóch amach ná bheith ag féachaint ortha ag meath: do bhaint ó phréimh.

tochailt: *b.3.* taighdeadh, polladh fé thalamh; taighdeadh, tóch. Ag tochailt dóibh ag déanamh bóthair nochtadar sean-uaigheanna: ag taighdeadh: ag rómhar chré, ghaoidhin is chloch, etc. Bhíodar ag tochailt ann ar lorg an raibh aon teasbánadh ann a bhaineas leis an aimsir anallóid: ag réabadh is ag cuardach na talmhan. Is beag an tochailt a déintear sa dúthaigh seo ar ghual: taighdeadh fé thalamh. Ar an dtochailt a bhí déanta lé faobhar na habhann taidhbhsigheadh dóibh go raibh madraidhe uisce ann: an rapach: réabadh fóid is cré. Déanfar tochailt ar an lios ar lorg rud a bhaineas leis an sean-aimsir: déanfar taighdeadh is rómhar ar an dtalamh.

tochailte: *a.r.* taighdte, tóchta, rómhartha, pollta fé thalamh. An duimhch ó cheann ceann tochailte ges na coinínidhibh, ní mór go bhféadfá do chos do chur in aon áit ach i bpoll: é lán de rapachaibh aca. Mo chluasa is mo lámha tochailte ag an sioc: oighear ortha: an croiceann cnagtha ortha. M'ainm tochailte ar an áras ólta: greanta: gearrtha.

tóchaim: *b.a.* taighdim, tóchlaim, pollaim, rómharaim, bainim go neamh-shlachtmhar. Thóch an chráin is a hál banbh an garrdha prátaidhe ó n-a thóin ceann: chuarduigheadar an chré lé n-a soc is réabadar í. Thóchas ins gach aon áit ar a lorg, ach ní bhfuaireas: chuarduigheas is chuireas tharm gan faic d'fhágaint im dhiaidh. Tóchann an peann, ní héascaidh chun scríbhte í: téigheann a rinn trís an bpáipéar. Níl aon leabhar agam anois duit ach tóchfad ceann as áit éigin: gheóbhad trí lorg. Thóchas rómham tríd an anaithe:

sháthas d'aindeóin an duaidh a chuir sé orm. Tóchann an tuile roimpe go n-árduigheann gach aonnidh ina slighe léi: réabann.

tóchar: *f.1.* casán trí bhogach, treasna abhann; casán árduighthe; sluagh, cuid mhór. Abha an Tóchair, ainm áite. I láthair an tóchar de dhaoinibh: sluagh mór. Bhuail tóchar éisc ár líon síos fé uisce: ráth throm.

tócharáil: *b.3.* taighdeadh, réapáil, tóch. Cad tá uaidh ag tócharáil i mbun an ghuirt? an ag lorg óir atá sé?: ag taighdeadh 'sag réapáil. Caitheadh éirghe as an dtócharáil, ní bhfuairtheas clocha oireamhnach a ndóthain ann, dá mhéid muinghín a bhí as: réapáil go doimhin.

tócharálaidhe: *f.4.* réapálaidhe, sclábhaidhe neamhshlachtmhar. Cuir uait an rann san, a thócharálaidhe, ní fhéadfá béile phrátaidhe do bhaint dá bhfaghthá do shaidhbhreas air: tóchadóir: duine aindeis le harm oibre.

tócharálaim: *b. n-a.* taighdim, tóchaim, réapálaim. Tócharálann an coinín go doimhin isteach fé phort gainnimhe: taighdeann: deineann rapach fada. Ná tócharáil a thuilleadh annsan, tá an áit laitithe agat: réapáil: ná déin poll doimhin in ionad rómhar mar budh cheart.

tochairt: *b.2.* casadh, d'iompódh. Stad an clog mar nár deineadh é do thochairt: an tuailm d'fháscadh lé n-a casadh lé heochair. Tu do thochairt ar a lúidín atá uaithi, sin é fáth a lághaiche leat: do chasadh: tú do chur ar a toil féin ar fad aice. Ag tochairt an tsnáithín: ghá chasadh tímcheall mar bheadh ina liathróid nó ceirtlín.

tocharaim: *b.a.* casaim, fillim, cuailleálaim. Tochair an ceirtlín: bailigh chughat is cas an snáithín tímcheall ar a chéile go mbí ina cheirtlín. Tochair an clog: cas tímcheall go teann an tuailm lé heochair. Bain-se na ruaircínidhe aiste is tocharóchad-sa í: fillfead tímcheall ar a chéile ina cuaille nó ceirtlín í.

tochas: *f.1.* (do) scríobadh, (do) chuimilt chun mothála clipighthe cneasa do mhaolughadh; bruth, galar croicinn go leanann greadadh é a thagas ón míol-cheárd a bhíos ag imtheacht idir fheóil is leathar; clamh dúil, guilm; iomard, clampar. Ná bí ghod thochas féin os chómhair na ndaoine, ní rud béasamhail é: ghod scríobadh lét ingnibh. Taithnigheann sé leis an madra é do thochas: do lámh do chuimilt go tiugh dá chroiceann. Má tá tochas id ladhrachaibh is é an gríos atá ag teacht ort: motháilt míoshuaimhneasa a éiligheas a gcuimilt chun a ruagtha. "Galar gan náire an grádh ach bhain an tochas a bharr de": má chuireann an grádh é féin in iúil gan scáth níl aon bhaoghal ná go gcaitheann duine é féin do chuimilt do scríobadh is do chuimilt lé linn an tochais. Trí rud nách féidir do cheilt – "tart, tochas agus grádh": má bhíd ar dhuine teasbánfar a gcómharthaidhe. "Tochas agus dith ingne chughat", an eascaine tugadh do Chromaill: motháilt chiapaithe, chlipighthe ar an gcroiceann is gan neart a scríobtha chun a fhaoisimh. Ní fuláir nó bhí tochas id shróin ar ar deineadh de chainnt ort: bruth innte go raibh fonn a cuimealtha ort. Aon rud níor dhein sé ach a cheann do thochas: chuimil is scríob mar bheadh i gcás idir dhá chómhairle labhairt nó nár bh'fhios do cad budh mhaith dho do dhéanamh. Chuir an

tigh tochas air, chaill sé cuid mhór lé n-a thógaint is níor dhein pingin sochair riamh ann: tinneas: dhein sé díth is clampar do. Beidh tochas id thóin ag imtheacht: ní bheir ró-bhuidheach díot féin, ná istigh leat féin go ró-mhaith. Fágfaidh an cogadh so tochas ar dhaoinibh bochta: cimiar, iomard, buaidhreamh. "Táir ghod thochas féin", lé duine go mbíonn dochma nó mío-fhonn air. Cuirfidh an cheist seo ag tochas do chinn thu: ghá scríobadh d'iarraidh cuimhneamh cad budh ceart duit do dhéanamh. Bí ghod thochas féin anois: thar éis na bearta bí ghod scríobadh is ghod chuimilt féin lé cráidhteacht. Lé rud a bhíos an-dheacair do dhéanamh nó do shroistint, deirtear, "tá tochas ann". Ní raibh sé amuigh faid agus bheifeá ag tochas do leath-chluaise: ag cuimilt do bhaise dhi. Táid ag baint an tochais dá chéile go maith: ag dul an-dhian, an-the ar a chéile. "Buailfidh an Tighearna thu leis na neascóidibh...agus leis na gearbaibh agus lé tochas etc." (Deut. XXVIII. 27). Beidh tochas anois ort go raghair ann: míoshuaimhneas is fonn. Is mór an tochas a chuireann cúirimidhe dhaoine eile ort: buaidhreamh.

tochasaim: (**tochaisim**) *b.a.* scríobaim, cuimlim. Tochais do cheann anois: ó tá an bheart déanta, scríob (cuimil) é lé cráidhteacht nó ná fuil faic eile lé déanamh agat. Tochais do thón anois! lé duine go mbíonn a bhotún déanta aige: bob buailte air, an lá caillte aige, etc. Tochais-se mise is tochasnóchad-sa (tochaiseochad) thu: bí tláith liom is bead leat.

tóchastal: *f.1.* teasbántas mórtach, éachtach, mar shochaid fear is eachraidh gléasta go háluinn; sloghadh; cóimhthionól; gluaiseacht slógh lé n-a n-infhiúchadh. Tóchastal saighdiúiridhe in Áth Cliath: sochaididhe dhíobh in arm 'sin éide ag gluaiseacht trí na sráideannaibh fé infhiúchadh an tsluaigh. Bhíodar ar an dtóchastal fear is breághtha go luighfeadh do shúil air, déanta, córach, scafánta, seasamh is imtheacht chródha fés gach éinne aca: tionól.

tóchastalach: *a.* mórtach, éachtach, scafánta, mórdhálach. Budh bhreágh leat féachaint ortha ag gluaiseacht in arm 'sin éide go tóchastalach trí shráideannaibh na cathrach: mórtach, mórdhálach: cuma scafánta, chródha ortha.

tochladh: *f.1.* (do) thaighdeadh, thóch, réapáil, rómhar; uaigh, uaimh, poll, créacht. An tochladh gránda a deineadh ar thaobh an chnuic in ionad bóthair cirt do dhéanamh ann: réapáil is rómhar gan deallramh. Ag tochladh i gcoiréal dúinn ar lorg chloch chun saoirseacht fuaireamair mórán cnámh: ag rómhar 'sag taighdeadh síos 'on talamh. Deineadh tochladh ró-bheag ann, ní raibh sé mór a dhóthain in ao'chor chun uagha: taighdeadh: rómhar is scartadh. Tochailt dhá déanamh fé chúram an riaghaltais san raingléis: taighdeadh fé thalamh is cartadh cré is chloch ar thóir taisidhe.

tochlaim: *b.a.* tóchaim, rómharaim, taighdim. Tochail síos annsan go sroichir gaoidhean: déin poll síos ann. Tochladh a raibh de chrannaibh ann, budh mhór an náire é, tá sé chómh lom léd bhais anois: baineadh ó phréimh. B'é saghas duine é gur chuma leis cá dtochlófaí a uaigh: cá ndéanfaí taighdeadh i dtalamh dá chorp. Thochlaimís prátaidhe ist oidhche d'fhonn fiacha caide do bheith againn: rómharaimís ganfhios.

tochrais: (**tochraim**) *b.a. & n-a.* casaim, aithfhillim ar a chéile. Tochrais fearsad dom: cas tímcheall snáithín uirthi. Marar tochraiseadh an clog so stadfaidh sé: marar teannadh

an tuailm ann leis an eochair. Shníomhadh is thochraiseadh sí ceirtlínidhe taithigeacha: chasadh sí an snáithín tímcheall ar a chéile go néad liathróididhe móra dhe. Gach dubhán allaidh ag tochrais ar a cheirtlín féin: gach éinne dho féin: ag tarrac uisce chun a mhuilinn féin. Tochraiseóchaidh sé sin leis an aimsir: fuinnfidh ar a chéile is cruadhfaidh.

tochraiste: *a.r.* fillte, casta, fuinnte ar a chéile. Bean ghleóidhte, thochraiste: déanta, córach fuinnte gan a cúram ar sileadh léi. Ceirtlín thochraiste: go mbíonn an snaithín fillte go cúramach, ceardamhail tímcheall ar a chéile ina threidhslidhibh uirthe. Tá neart ann, tá sé tochraiste: fuinnte, déanta.

tochras: *f.1.* filleadh, casadh, fáscadh. Bíonn sé mar bhíonn furmhór na ndaoine ag tochras ar a cheirtlín féin: ag tarrac uisce chun a mhuilinn. An cat 'ghá thochras féin go teólaidhe sa chathaoir: ag déanamh ceirtlín de féin.

tocht: *f.3.* adhbhar garbh éadaigh mar bhíonn ar pheiliúraibh lán de chlúmh éan. Caithfir luighe ar thocht síos anocht cois na teineadh, níl a mhalairt agat: leaba a deintear de dhruim na huaire.

tocht: *f.3.* greamughadh, fáscadh, taom bróin, deasca cneadach guil, racht áthais, etc. Nuair chuala scéala a bháis tháinig tocht ar mo chroidhe ná féadfainn labhairt: fáscadh cathuighthe. Tocht ort ná héisteóchadh tamall éigin: fáscadh nó cosc dochrach ná beidh ionat labhairt. Aindeis a dhóthain atá sé, tá tocht fuail air: tinneas uisce: ní ritheann a mhún chuige. I dtocht feirge bhuail sé buille marbhthach ar a mhnaoi: néall throm. Bhuail tocht éada lé n-a mhnaoi ná leigfeadh as a radharc de ló ná d'oidhche í: taom amhrais ná raibh sí dílis do. Is fada fé thocht é i nganfhios do neach: fé bhuadhairt. Tháinig tocht ina scórnaigh is é ag cainnt ar an slighe chonnaic sé ag fagháil bháis iad: ailp: scailp ar a ghlór go n-aithneófá gur ghoill sé air. Chuir sé tocht air féin ó bheith ag gol: cneadach: tháinig snag is cnead ina ghuth. Chuir sé tocht ghuil orm an crot aindeis a bhí air: uabhar: fonn guil is ná féadfainn gol. Ní raibh ann labhairt ar feadh tamaill lé tocht áthais: racht: iomad fonn áthais ag cruinneáilt aige. Ar fhéachaim im thímcheall ar fhód is láthair m'óige is gan aithne agam ar neach ná daon ann tháinig tocht uaignis orm: tachtadh suas leis. Tabhair aghaidh go fearamhail air, ná tagadh aon tocht ort: aon rud a choiscfeadh thu. Cad é an tocht so, oraibh? níl focal as neach agaibh, an éinne atá marbh?: ciúnas: tost: fáth tosta. Is é ná tháinig an tocht ann ag dearbhughadh an éithigh: stad glóir.

tochta: *f.4.* an suidheachán treasna i mbád. An tochta seóil: an ceann (go mórmhór chun tosaigh) go gcuirtear an crann ina sheasamh ann.

tóchta: *a.r.* rómhartha, bainte as préachaibh, taighde. Talamh tóchta: go mbíonn barra dearg tugtha ar ag mucaibh, brocaibh, etc. Fén oidhche beidh toitínidhe tóchta as áit éigin aige má táid fé cheithre chúinne na cathrach: cuarduighthe, fachta. An duine ar fad tóchta ges na coinínidhibh: réapálta, laitithe, mar bheadh gort báin ag mucaibh. Tá tóchta isteach sa bhliadhain go maith anois againn: cuid mhór di caithte. Poll tóchta isteach fén gcoca ag an madra: poll réabta aige san bhféar gur féidir leis slighe d'fhagháil ann.

tochtán: *f.1.* brón, ciachán. Ní chuirfidh sí siúd aon tochtán uirthi féin lé héinne, béarfaidh sí breágh bog ar gach aonnidh: aon bhuaidhreamh. Saghas éigin slaghdáin atá orm go bhfuil an tochtán so ar m'ucht: ciachán. An ceal tobac atá ar do phíp go bhfuil an tochtán aice?: an glór dhá dhéanamh ag an sughrac: ceóchán: an glór garbh aice.

togha(dh): *f.1.* do ghlacadh, do phriocadh, nó do thógaint de roghadh; do chur in ionad dréir báidhe nó feabhasa; barr; an sárughadh. Beam ag togha(dh) na bhfear i gcóir na fóirne: ag priocadh na bhfear is dóigh linn is fearr. Ní gábhadh bheith ghá dtogha(dh) so, is ionann iad, níl díg (díogha) ná rogha ortha: ghá ndealughadh chun na coda is fearr do chur ar leath-taoibh lé haghaidh ruda éigin áirighthe. B'é togha(dh) a súl d'fhear é: an fearr is fearr a thaithnigh léi: an té is mó a thaidhbhsigh di a sháiseóchadh í dréir a thréithe. Mara mbeadh togha(dh) na córach do bheith is fada buidhe go dtabharfadh na hanchúinsidhe aon rud do: an ceart ar fad do bheith aige. Togha(dh) gacha bídh: an chuid is fearr de. Togha(dh) fir atá ann, ní chuirfidh sé aon díombáidh oraibh: fear chómh maith agus b'fhéidir d'fhagháil. Togha(dh) drochbhuachalla atá ann, níl aon rud ná déanfadh sé ach leis an eagla: an-olc ar fad. Togha(dh) na caochóige i gcoill mhóir a dheinis air: an chéad cheann do thógaint. Is an-olc an togha(dh) a deineadh an lá deineadh teachta dhe: é do cheapadh san ionad san. Tóg an ceann san, ní fearra dhuit bheith ag togha(dh) choidhche: ag lorg 'sag cuardach an chinn is fearr dar leat. Táim ar mo dhícheall ag togha(dh) mná dho: ar lorg an duine dob fhearr agus dob oireamhnaighe dho as chuid mhór. Dar lé mórán go mbeidh togha(dh) coitcheann againn san earrach: teachtaidhe do mheas is do cheapadh i gcóir dála ná dúthaighe. Lá an toghaidh: go mbítear ag caitheamh chun éilightheóiridhe do cheapadh d'oifig.

tógáil: *b.3.* árdughadh, árdach (cuirp), cothughadh, oileamhaint, foirgneamh, éirghe; saothar, an rud a tógtar nó a hoiltear; aon rud curtha os chionn a chéile, glaodhach, trácht; spréidheadh, scaipeadh. Budh cheart do náire bheith air mar fheirmeóir na ruibilínidhe bó atá ar tógáil: ina mbeathaidh: ar éigean (dréigean) lé droch-chothughadh: gan a gceart do bheith dhá fhagháil aca. Tháinig na báillidhe ag tógáil an stuic den dtalamh: ghá mbreith leó i gcoinnibh cíosa, fiacha, etc. Sin biadh go bhfuil tógáil ann, an té ná déanfadh maith dho b'fhearra dho bás d'fhagháil: cothughadh maith, agus feabhasughadh sláinte ar an té go mbeadh a heasbhaidh air. Ar thógáil mo chinn dom cé chídhfinn chugham ach an té a shaoileas do bheith na céadta mílte uaim: ghá árdughadh anáirde i dtreó an aoir. Ar thógáil mo choise: ghá hárdughadh den dtalamh mar beifí chun siubhail. Is mór an tógáil croidhe dhe a chlos gur bhréag go raibh a mhac marbh: éirghe: áthas. Is tógáil cinn dho gur toghadh é ar chómhairle na conntae: árdughadh sa tsaoghal. Ní haon tógáil cinn do leanbh toghartha do bheith aige: an chúis mhór mhórdhála ná measa. Thug sí tógáil ar a clainn chómh maith díreach is thug aon bhean eile go raibh a fear beo: cothughadh, tabhairt suas is oileamhaint. Tá sé ina chladhaire agus sin í tógáil a tugadh air: tabhairt suas: oileamhaint. Ceaptar gur deineadh feall air is gur dá dheascaibh a fuair sé bás, táthar ghá thógáil indiú: ag árdach an chuirp as an uaigh chun féachadh do dhéanamh air. Budh mhór an tógáil imshnímh dom a chlos go rabhadar istigh ón scríb: scaipeadh, spréidheadh. Ná bí ag tógáil mo chroidhe lé béic obann do leigeant orm: ag baint preaba asam. Fair é ag tógáil a chluas: ag éisteacht d'iarraidh rud éigin do chlos trí fhiosracht. "Connus tá sé?" - "tá sé ag tógáil a chluaise (chluas)": ag teacht chuige féin. Níor hairigheadh riamh é ag tógáil láimhe ná coise chun éinne cloinne leis, ná níor chall do é:

ghá mbualadh chun smachta do chur ortha. Nílim ghá thógáil ort in ao'chor do mhéar do chur fém shúil dá bhféadfá é, béas ag mórán seadh é dá n-éirigheadh leó: níl aon mhilleán agam ort mar gheall air. Aicíd seadh í atá dhá thógáil ges na daoinibh: ag scaipeadh ó dhuine go duine. Cé air go bhfuil amhras an airgid do thógáil?: d'árdach leis: é do ghoid. Ní fheadar cá bhfuil sé, ag tógáil a thóna in áit éigin: ag imtheacht lé n-a thoil gan aon chuimhneamh ar aon rud do dhéanamh aige. Bíd ghom thógáil os chionn talmhan lé glór is fothrom: goilleann sé go trom ar mo chluasaibh. Cuireadh ina leith go mbíodh sé ag tógáil as bhosca an airgid: ag cur airgid chuige i nganfhios. Sin é an siopa go mbím ag tógáil ann: ag trácht: ag fagháil earraidhe. Ní maith an iomad tógála do bheith ag an soc, ní bhainfidh an oiread: a bharra bheith casta anáirde. Ní mór an tógáil a bhí ar stoc indiu: glaodhach: trácht. Tógáil mhaith ar bhuaibh bainne cé ná raibh airgead mór ortha: éileamh: ceannach tiugh ortha. Ní bhfaigheann sé aon tógáil ar a chuid scríobhnóireachta: ní glactar uaidh le cur i gclódh. Tógáil mhór aigne ar dhaoinibh tuaithe dob eadh an bhothántaidheacht is an scéalaidheacht is an chuideachta do lean í: bíodhgadh: corruighe ar fheabhas. Níl aon bhaoghal ná gur breágh an tógáil Teach Laighean: an foirgneamh: an déantús de chloich, etc. Déarfainn go bhfuil sé ag tógáil a chinn airís, tamall ó shoin annsan bhí sé an-dhealbh: go bhfuil an saoghal ag éirghe níos fearr leis. D'fhógras air fiche uair éirghe suas den nduine nó go mbrúighfeadh sé an t-anam as: meádhachtaint a chuirp d'árdach de. Beidh sé d'iarraidh an ráis seo do thógáil ar a dhícheall: é do bhuadhachtaint. Lá áir dob eadh é go raibh na hiothlainntidhe dhá thógáil le gaoith: ghá fhuadach. Ar iad do thógáil lé chéile na fir ró-mheathta iad: in iomláin. Toisc na slighe suaithinsighe go mbítheá gabhtha bhíodh gach éinne ag tógáil cinn díot: ghod thabhairt fé ndeara is ag déanamh iongaidh dhíot. Táid ag tógáil mórán éisc na hoidhcheanta so: ag breith air. Na gárdaidhe d'iarraidh é do thógáil agus eisean d'iarraidh éaluighthe: bráighe do dhéanamh do is a bhreith go ceann spric. Níl sé ar fheabhas ná ar fóghnamh, bíonn sé ag tógáil na leapan an-mhinic: ina luighe le ceasnaidhe éigin. Shleamhnuigheas ar an dtalamh fliuch is baineadh árd-thógáil asam: árduigheadh ins an aer is caitheadh me: baineadh dem bhonnaibh is leagadh me. Crann tógála: croch chun ualaighe d'árdach is d'aistriughaddh ó ionad go hionad. Scannruigheas nuair bhraitheas an bád ag tógáil uisce: ag teacht isteach ar bórd lé holcas na haimsire nó lé n-a doimhneacht féin. Is baoghalach go bhfuil an tír ó thógáil anois: go bhfuil sí ró-bhocht, ró-chlaoidhte is ná fuil aon teacht suas uirthe. Sin braon maith dighe, níl aon bhaoghal ná go bhfuil tógáil ann: chuirfeadh sé meisneach is feabhas ar dhuine. "Tá tógáil na gcéadta ann", deirtear lé leigheas maith nó aon nidh go mbíonn brigh don gcorp ann. Buachaill de thógáil na háite cad n-a thaobh ná taobhóchainn leis roim iasachtaidhe: duine dúthchais. An bhfuil an long san ag tógáil na farraige?: ag cur amach chun bóchna. Bead ag tógáil mo sheólta is ag imtheacht thar lear: tiargálfad is gluaisfead as an áit. Is é tuairm gach nduine ná fuil aon tógáil os a chionn, go bhfuil an aicíd dulta ró-fhada: ná fuil aon chao ar dhul i bhfeabhas aige. Deirtear go bhfuiltear chun é do thógáil agus a chúisiughadh lé marbhadh duine: bráighe do dhéanamh do. Na siopadóiridhe ag tógáil an méid earraidhe agus is féidir leó d'fhagháil: ag glacadh. Mar is gnáthach leis ag tógáil a dhóthana aimsire: gan deabhadh gan fuadar fé. Ná bí ag machtnamh chómh mór san air, táir ghá thógáil ar do chroidhe leigeant do goilleamhaint ort. Ní bheadh aon tógáil agam leis, níor thaithnigh sé riamh liom: aon leagadh, muinntearthas etc. D'iarras air me do thógáil isteach, b'fhada liom an bóthar chun cur chuige: marcaidheacht do thabhairt dom. Cuir in áit éigin eile an bórd san, bheadh sé ag tógáil an iomad slighe annsan: ag gabháil: do bheadh fé. Budh mhaith liom

do chómhairle do thógáil chun tú do shásamh, ach ní dóigh liom go ndéanfainn mo leas: gabháil léi: déanamh dá réir.

toghail: *b.3.* éacht, beart chruaidh. Im óige dhom níor bh'aon toghail agam dachad míle do shiubhal in aon ló: aon duadh: dhéanfainn breis. Ní haon toghail ge n-a chuid stuic siúd beithidheach do bhaint asta: ní bheadh aon bheann aca air: ní mhothóchaidís é lé n-a líonmhaire.

toghaileáil: *b.3.* suathadh, caitheamh ó thaobh taobh, farraige an-gharbh a bhí ag an luing lá ar lá agus maran bhfuair sí toghaileáil, ní fhéadfadh neach seasamh ná siubhal ar a bórd leis an luascadh agus an dtóch a bhí dhá dhéanamh aice: caitheamh, ionfairt, teilgean. Lé breis is mí anois táthar ag ionnsaidhe na cathrach ón aer is ón dtalamh gan aon lag, is mór go léir an toghaileáil atá fachta aice: suathadh is iomard. Ní bheadh a fhios agat an isteach nó amach do gheobhadh an pheil eatartha ar feadh chúig nóimintidhe bhí na fir ag toghaileáil a chéile i mbéal an bháide: ag brughadh 'sag suathadh.

toghailidheacht: *b.3.* mursantacht, buannaidheacht, dánaidheacht, tighearnamhlacht, úghdarásacht. Is mór go léir an toghailidheacht atá aige ar na daoinibh go gceapann sé tosach gach nidh d'fhagháil: buannaidheacht trí n-a thighearnamhlacht. Dar leis go bhfuil toghailidheacht ar gach éinne istigh aige: buannacht go gcaithfidís gach aonnidh a bhíos uaidh do thabhairt do. Is mór an toghailidheacht duit anois teacht i gcuideachtain gan iarraidh is ná teastuighir: dánaidheacht. Aon nath ní chuirfeadh seisean i mbualadh chughat isteach is suidhe ged bhórd gan chead, gan cheileabhradh, tá an toghailidheacht san ann: mursantacht: dánaidheacht is deiliús.

tógaim: *b.a. & n-a.* árduighim, cuirim anáirde, seasuighim, cuirim os chionn a chéile, cuirim chun feirge, oilim, cothuighim, gabhaim, gnóthuighim, bailighim, bheirim liom, etc. Go deó airís ní thógfaidh sé a cheann thar éis a bhfuil déanta aige: beidh an oiread san náire air nách maith leis a thabhairt fé ndeara. Thóg sé a sheólta toisc nár thaithnigh an chathair leis is ní fheacthas ó shoin é: ghluais sé leis. Thóg sé a dhorn chugham: d'árduigh é mar bheadh ar thí mo bhuailte. Thóg an mhiúil an chos agus shín an madra fuar, marbh: d'árduigh í agus thug speach léi. Cár tógadh thú, ná fuil aon bhéasa agat?: cothuigheadh is tugadh suas. Tógadh trí chéad príosúnach san bhfogha úd lé n-a n-inneall is uile: beireadh ortha: deineadh a ngreamughadh. An uair úd do tháinig an oidhreacht chuige do thóg san é, mara mbeadh é bheadh sé i dtigh na mbocht: bhain an ceal de: dhein a chur ar a bhonnaibh airís. Is fada riamh gur tógadh aon cheann den nduine ait sin ach leigeant do ar a thoil féin: gur chuir éinne aon nath (suim) ann: gur bhodhair éinne a cheann leis. Ná tóg orm a rádh leat nách macánta an chlann atá agat: ná tagadh míchéadfadh ort: ná bí míoshásta liom mar gheall air. "Tóg uaim é is gan uaim ach é", deirtear lé duine a bhíos ar sciobaigh chun glactha lé rud is ar an am gcéadna ag leigeant air ná teastuigheann sé uaidh. Tóg díom, adeirim leat, nó buailfead treasna an phuis thu: bog do ghreim díom: scaoil díom. Tóg suas den leanbh nó goirteóchair é: árduigh do chorp de. Tóg isteach an baile seo, féach an bhfuil a lán oibre ann: áirigh é. Tóg isteach mar seo an scéal, dá mbeadh aon ádhbhairín talmhan agat i dteannta an méid airgid tirim atá agat mhairfeá go sásta: breithnigh an cúrsa ar an gcuma so. Tóg an bórd ar a cheann: cuir ina sheasamh mar sin é. Tógadh a raibh d'ainmhidhthibh ar an dtalamh lé cíos:

gabhadh iad: beireadh chun siubhail lé hórdughadh báille iad. Thóg an tigh teine nuair thuit pléascán air: chuaidh sé thrí theine: ghaibh sí é. Fear seadh thusa a thógann an iomad ort féin agus ní haon díoghbháil béic do bhaint asat fo-uair: duine a chuireas roimis rudaidhe do dhéanamh a bhíos thar a riocht, ná nách pioc dá chúram. Thógfainn airgead sa bhannc dá raghadh éinne i mbannaidhibh orm: gheóbhainn ann é. Buaileadh chómh fuinneamhail sin me gur tógadh os chionn talmhan mé: glan den dtalamh. Thógfadh sé os chionn talmhan thu lé heascainidhibh: chorróchadh sé thu: scannróchadh. Thóg sé a hata chúichi: d'árduigh mar chómhartha úmhluighthe. Riamh níor thóg sé a lámh chun éinne dá chlainn ná níor ghábhadh dho é: níor bhagair a mbualadh. Sin é an dochtúir céadna a thóg dá leabaidh é: a thug thar n-ais ina shláinte é. Thógadar leacht os a chionn: chuireadar anáirde. Cár thóg sé an aicíd? sin é atá ag dul des na dochtúiridhibh: ghaibh: ghlac: bhuail é. Ní thógfaidh sé céim thu bheith ag déanamh conbharsáide leo súd: ní chuirfidh sé aon ruaine i ngalántacht é. Tógadh é d'fhéachaint an lé feall do fuair sé bás: árduigheadh an corp as an uaigh. Tógann sé mo chroidhe bualadh leat is seal do chaitheamh it fhochair: cuireann sé éirghe croidhe orm, subháilceas, aoibhneas. Níor thóg sé aghaidh a chaoraidheachta dhíom riamh: bíonn sé im dhiaidh do shíor: ní leigeann sé dhom: níor staon de bheith ag tógaint ceann díom mar bheadh rud éigin uaidh orm, nó fonn air rud éigin do dhéanamh liom. Thóg an gála liom: d'árduigh sé chun siubhail me. Thóg an máighistir lé deóiricín sa leathchluais (i bpoll na cluaise) me toisc ná raibh mo cheachtanna saothruighthe: bhuail go gonta me gur bhain groga asam. Nára fada go dtógtar gáir ort: go mbíonn olagón báis ort. Tógadh air ó cheann ceann na tíre: cuadhthas sa tóir air. Ní talamh é a thógfadh mórán stuic: a chothóchadh. Caith siar é sin tógfaidh sé do spirid: músclóchaidh sé meanma is meisneach ionat. Thógaimís go léir ár nguth nuair bhíodh braon caithte againn: chromaimís ar ghleódh do dhéanamh nó amhrán do ghabháil. Tógfaidh na daoine a nguth ina choinnibh seo fós: labharfaid ós rud ina aghaidh. Ní thógfadh sé an méid sin cainnte ó éinne eile ach uait: ní fhoidhneóchadh. Is íseal liom an déanamh atá uirthi tógfaidh sí as a tosach: beidh uisce ag teacht dá druim isteach. An té ná tógann cómhairle gaibheadh sé cómhgar: ná glacann: ná gaibheann chuige. Thóg sí a clann go galánta, slachtmhar: chothuigh: d'oil. Rugadh is tógadh ar an mbaile seo me: cothuigheadh: tugadh suas. Níor thóg sé a cheann ó mhaidean: ag obair chómh dian san ar a chromadh. Thóg an cpall gairbhéal: chuaidh ina chrúib is bhí bacach dá dheascaibh. Tógadh a thuise go maith, oiread agus luach leathphingne ní bhfaigheadh ar cáirde: scrúduigheadh agus fuairtheas eólas ina thaobh. Thóg an táilliúir mo thuise chun culaith nuadh éadaigh do dhéanamh dom: thómhais sé me. Ar a thruime tá an ceódh is a mhairbheacht atá an tráthnóna ní thógfaidh sé in ao'chor: ní árdóchaidh, scaipfidh. Bheadh sé go maith dá bhfágtaí ar scoil é ach tógadh ró-luath dhi é: coingbheadh uaithi é. An rud a thógfadh duine mharbhóchadh sé duine eile: nidh a réidhteóchadh lé daoinibh áirighthe is ná réidhteóchadh lé n-a thuilleadh. Mara dtógair-se do lámha as is teinn duit: leigeant do féin. Tógaidh chun siubhail sibh féin as mo radharc: bailighidh libh. Thóg sé a thón tar éis bídh, is ní feacthas ó shoin é: d'imthigh sé pé áit gur thoil leis, gan bac lé cúram ná eile. Tógfair an aicíd uatha mara seachnair iad: tiocfaidh sí ort trí chonbharsáid leó. Tógadh leó a raibh ann: d'árduigheadar leo. Leas-mháthair a thógfadh ort gan do chion do bheith agat chómh maith lé duine: go mbeadh míoshásamh nó míchéadfadh uirthi dá bhárr. Thógfadh an deoch so mairbh as uaigh: d'aiséireóchadh na mairbh léi lé n-a feabhas. Tóg m'fhocal air: creid me. Ná tóg ainm Dé gan adhbhar: ná tabhair: ná móidigh. Tóg amach an capall, tá sé strampálta ó bheith istigh: beir amach fén mbán é.

Thógfá ar fhearaibh maithe na cúige é: ar fhéachaint air mheasfá san dréir a dheallraimh. Capall conntabharthach atá ann tógann sé sceit: tagann scáth air is léimeann. Clann a thógas is clann a leagas: a árduigheas duine i mbail nó i meas na ndaoine. Thógfadh sé a bhfaghadh sé: ghlacfadh gan fonn faic do thabhairt uaidh. Tógfaidh an ghaoth so farraige: árdóchaidh: reamhróchaidh is atfaidh sí dá druim. Thóg an chainnt tharcuisneach úd me, ghoill sí go mór orm: ghoin me. Cár thógais na bróga so?: cár cheannuighis ar cáirde iad? "Noch thrídsean chreideas i nDia, do thóg suas é ó mharbhaíbh agus tug glóir do, etc." (1 Peadar I. 21): d'aithbheódhaidh. Mise a thóg an cluiche: a bhuaidh. Sin capall ná tógfaidh an rás so: ná gnóthóchaidh. Thógadar oiread éisc is ná féadfaidís do bhreith leo: rugadar air i líontaibh etc. Níor thóg an plainín an dath: níor ghlac: ní dheaghaidh ceangailte ann. Tógadh in aimsir me: glacadh liom mar sclábhaidhe ar feadh aimsire áirighthe. Thóg an leitir an-fhada ag teacht: chaith sí cuid mhór aimsire.

toghaim: *b.a.* priocaim de rogha, cuirim in ionad. Toghadh í ar a scéimh: lé n-a háilne priocadh amach as scata baineannach í. Toigh do chuideachta sara dtéighir. Ar bhfeicsint dom go raibh fonn achrainn ortha thoghas dul abhaile: thógas de rogha é. Ná toigh bean ar a snódh go bhfionnair a locht: ná tóg í lé n-a feabhas toisc go dtaidhbhsigheann sí go maith. Toghadh an seisear budh láidre dhíobh chun an ualaigh d'iomchar: priocadh amach iad as líon áirighthe. Toigh an chuid is fearr des na hubhlaibh lé n-itheadh: prioc iad. "Agus tiocfaidh i gcrích go dtiocfaidh bláth ar shlait an té thoighfeas mise, etc." (Uibh. XVII. 5): go mbead-sa leis. Toigh an bhean dréir a dúthchais: cuir aithne ar a treibh sara nglacair í mar mhnaoi. "Agus do sheas an pobal ag féachaint air. Agus do rinneadar na huachdaráin leis fonmhód faoi maille riú san, ag rádh d'fhóir sé ar dhaoinibh eile. Fóireadh sé air féin má sé seo Críost, do thoigh Dia" (Lúcas XXIII. 35): a cheap Sé lé hintinn áirighthe. "An t-each d'fhonn dob fhearr taobh bonn taobh agus clí/ an scabhaitse drom-leathan daod-mhuiníl/ ná cromfadh a ceann aimsir chaismirt na gclaidheamh/ is gur lé n-a feabhas do toghadh chun laochais í": do spriocadh uirthe nó a ceapadh chuige í as an gcuid eile. Ná toigh mise thar éinne eile: ná cuir an crann orm lé tosach do thabhairt dom. Toghadh as na céadtaibh é: cuireadh an crann air lé n-a fheabhas, etc. etc. Thoghfainn mar bhitheamhnach é gan ach féachaint air: bhuailfinn méar air.

tógaint: *b.2.* tógáil etc. Is breágh slachtmhar an tógaint an tigh sin: an cur os chionn a chéile: foirgneamh: saoirseacht. Níl aon tógaint ar an bhfalla san: drochshaoirseacht. Is mór go léir an tógaint do dhaoinibh bochta flúirse éisc do bheith aca: an feabhasughadh ar a saoghal: faoiseamh ó bhroid. Ní haon tógaint croidhe liom aonnidh do bheith ar mo chómharsain: subháilceas aigne. Níl aon tógaint os a chionn, teipeann go haon rud éirghe air: níl aon teacht suas i ndán do. Ní raibh aon tógaint ar bhuaibh seasta an t-aonach so: glaodhach, éileamh, trácht. Beart seadh clann do thógaint mar is ceart: do chothughadh is d'oileamhaint. Cuireadh tógaint ortha i dtaobh na búrdála do thugadar do: deineadh bráigheanna díobh. Ar thógaint a chinn do chonnaic sé an duine an-aithnid ina sheasamh ós a chómhair: ar árdach anáirde ón dtalamh. Marbhuigheann Dia duine chun duine eile do thógaint: téigheann duine chun deiridh aige d'fhonn duine eile d'fheabhasughadh. Níl aon tógaint san mbiadh san d'ainmhidhe: ní maith é dho chun a chothuighthe. Is ann do bhíd ag tógaint: ag ceannach earraidhe. Níl aonnidh cóir dhá thógaint aige ná a rian air: dhá chaitheamh. Ag tógaint reice atá an bád san: ag breith uirthe chun a tabhartha i

dtalamh. Ná bí ag tógaint do chluas mar ná cloisfir aon scanaill annso: ag éisteacht go haireach. Rugas air ag tógaint mo rothair leis: ghá bhreith chun siubhail. Ní raibh an long ag tógaint an chuain in ao'chor: ní raibh sí ag teacht aon phioc ní budh ghiorra dho. Deir sé go mbeidh sé ag tógaint an bhóthair ambáireach air féin: go mbeidh ag triall in áit éigin eile. Nách fada dhóibh ag tógaint an bhaile sin, tá an t-éacht fear dhá chailleamhaint leis: d'iarraidh é do ghabháil. Dá ndéanfadh sé leigheas do ní fhéadfadh sé do thógaint: d'ól: do chaitheamh. Sean-raga capaill ná féadfadh an claidhe do thógaint: do léimeadh. Ní mór d'fhéadfá a rádh bíonn sé claon le gach aonnidh do thógaint ar dhuine: easonóir nó masla do bhraith fé. Bímís ghá thógaint bog, tá eaga go leór againn: gan aon deabhadh ná deifir do bheith orainn. Ná bí d'iarraidh me do thógaint: fearg do chur orm. Ag tógaint an chiotail do streanncáil an t-uisce te sa cosaibh uirthi: ghá aistriughadh den dteine.

tógálach: *a.* mothálach, soifheirge, claon lé scaipeadh ó dhuine go duine, stuacach, éirightheach, spriogamhail. Galar tógálach an grádh: atá claon lé scaipeadh: bhuailfeadh sé duine dá aindeóin. Aicíd thógálach atá ann nách féidir leis na dochtúiridhibh aon tátall do bhaint aiste: is furaiste lé daoinibh í do ghlacadh ó chéile. Bean thógálach, níor mhór dhuit aire do thabhairt cad déarfá léi: bean gur furaiste smailc do chur uirthi: an-mhothálach. Níl fóid chómh tógálach lé clochaibh: ní árdóchaidís fál ná claidhe chómh mór. Féar tógálach é sin: go bhfuil cothughadh is oileamhaint ann.

toghladh: *f.* (*-ghalta*) milleadh, scriosadh. Lé crántaibh cogaidh is gunaidhibh móra táthar ag toghladh na cathrach lé mí, tá a furmhór ina smúithreán fén dtráth so: ag leagadh. B'éigean na tighthe do thoghladh toisc a gconntabhartaighe mar bhíodar i rachtaibh tuiteam: do leagadh anuas. Ar thógaint na cathrach don namhaid chromadar ar a toghladh: a goid 'sa fogha is a fuadach.

tograim: *b.a. & n-a.* mianuighim, rúnuighim, tugaim iarracht ar. Thogras imtheacht seachas fanacht, budh shábhálta liom é: thógas mar rogha é. Thogras é do dhéanamh asam féin, gan tafant, gan iarraidh: leagas m'aigne air. Air sin do thogair sé me do bhualadh leis an mbata a bhí aige: thug iarracht air. "Ná togair fearg ná olc chugham": ná ceap it aigne.

tógtha: *a.r.* gabhtha, árduighthe, fóirgnighthe; feabhasuighthe; suaidhte, ciapaithe, fearguighthe. Táim tógtha agat, ar bhiorán buidhe nuair bhuailfinn thu: tá fearg curtha agat orm. Níl aon bhaoghal ná gur mise atá tógtha leat-sa (leamhas): bail curtha orm agat: me go maith as agat seachas mar bhíos. Tá na cómhachta so an chogaidh anois chómh tógtha san ge n-a chéile gur deacair iad do mhaolughadh: fearg is díomas tagtha ortha. Cad as go bhfuil an chainnt sin tógtha agat? ní has do stuaim féin í: áis bainte agat as úrlabhra dhuine eile. Ní tógtha air gan bheith aireach ar a chuid chómh maith lé duine: níl sé inmhilleánuighthe. Éistidh tamall beag, tá an tigh tógtha ó lár agaibh: curtha trí n-a chéile. Ar a bhfuil d'airgead déanta lé tamall anuas anois aige tá sé tógtha go deó: curtha os chionn a chumais. Nuair bhíonn a chlann tógtha curtha i gcrích ag duine is mór an tabharthas is an subháilceas aigne dho é: cothuighthe, oilte. Ar an slighe bhraitheann sé chuirfinn geall go bhfuil an aicíd tógtha aige: gabhtha: glactha. Dá mbeadh an méid sin tógtha dhíom, beadh an t-ualach i bhfad níos fusa lé hiomchar: bainte. Is ó mhuinntir a mháthar atá an tréith sin tógtha aige: fachta ó dhúthchas. Shaoileadar go léir go raibh

tógtha liom an uair nuair d'éirigh an t-iomard úd dom: go rabhas claoidhte, dealbhuighthe choidhche. Is maith, righin an chathair í is a rádh ná fuil sí tógtha thar éis iomshuidhe dhá mhí: gabhtha. Níl duais ná céim tógtha fós aige dá fhaid ar scoil é: buaidhte. Níor mhaith leis rud ná raibh baint aige leis do dhéanamh, is níor thógtha san air: budh dheacair milleán do bheith air ina thaobh. A raibh aige bhí sé tógtha ag lucht fiach: gabhtha, sealbhuighthe. Ar maidin bhí an bád tógtha den dtráigh: árduighthe chun siubhail ag an dtaoide. Ní chuireann na daoine tógtha a leath-oiread suime dul gan biadh leis na daoinibh óga: a bhíos fásta. Ní raibh ach mo shúil tógtha agam de nuair chuir sé dhe: féachta uaidh agam. An bhfuil cómhairle tógtha agaibh cad is ceart díbh do dhéanamh?: an bhfuil bhur n-aigne curtha lé chéile agaibh is rún déanta.

toghtha: *a.r.* prioctha go haireach; tosach tugtha do rud; tógtha as chuid mhaith le n-a fheabhas, tréithe, etc.; sár-mhaith, deascaithe. A bhleáigeaird thoghtha, fág an tslighe uaim, nó beidh do mharbh orm!: árd-cheann ar fad aca. Ím toghtha a bhíonn ar an mbaile seo, níl a bhualadh lé fagháil lé deagh-bhlas: rogha an ime. Saighdiúiridhe toghtha iad agus iad dá fhoillsiughadh: go bhfuil ealadha troda is ródhacht aca. Táthaoi ann go toghtha, is fada siubhalfaí anois sara bhfaightí aon chnuasach chómh cam, glic libh: ar fheabhas maidir lé nbhur dtréith. Cé atá toghtha agaibh lé rith mar theachta dála?: go bhfuil ceapuighthe agaibh air. Níl aon bhaoghal ná go bhfuil sí toghtha go maith mar mhnaoi agat, budh dheacair cailín budh scéimheamhla d'fhagháil: deighilte amach ó chuid mhór lé n-a feabhas. Tá sé ar toghthaibh na seacht bparróistidheachaibh: ar an gcuid is fearr.

toghthach: *a.* a bheith do rogha ag, cómhacht toghaidh (toghtha) do bheith ag. D'fhéadfainn focal do chur isteach ar do shon ach níl aon chead toghthach agam: go bhfeadfainn mo ghuth do chur it fhabhar. Tiocfaidh na hainmeacha go léir ós cómhair cómhairle toghthaigh: go bhfuil cómhacht aca rogha rud nó duine do cheapadh.

toghthacht: *b.3.* rogha, sár-mhaitheas, tréitheacht, mór-fheabhas. Dá thoghthacht é chun imeartha b'fhearr d'fhear me aon lá riamh ná é is ní ghom mholadh féin é: dá fheabhas é. Lé n-a thoghthacht bheadh mo mhuinghin as: a shár-mhaith dréir mar tá tástáil air. Shiubhalófá an Mhumha lé chéile sara mbuailfeadh a toghthacht de mhnaoi leat: bean chómh tréitheach léi – féile, etc., etc. B'é breith an ghiúistís air go raibh toghthacht bitheamhnaigh ann: gach tréith bitheamhnaigh ag breith bráige ar a chéile. Toghthacht na talmhan, thabharfadh sé aonnidh: sár-fheabhas. A toghthacht lé feall níor bhuail riamh im threó, ní fhéadfá thu féin do chosaint air: feall gach aon phioc de. Toghthacht an fhearais atá aca atá ag tabhairt an lae dhóibh: iongtacht lé feabhas.

toghthadóir: *f.3.* (**toghadóir**) duine a thoghas, priocadóir, ceapadóir, deascadóir. Téighir ameasc na dtoghthadóiridhe is tabharfaidh a bhfreagra ort: an dream go mbíonn cómhacht aca duine do cheapadh in ionad lé n-a nguth. Toghthadóir té gen gcómhlucht dob eadh é: a chúram, feabhas gach rith té do bheith aige ar eólas. D'éirigh achrann idir toghthadóiridhe na fóirne, ní rabhadar ar aon chómhairle i dtaobh feabhasa coda aca: an dream go raibh fútha glacadh nó diúltadh d'éinne.

toibhéim: *b.2.* smáilc, teimheal, aithis, masla, tathaoir, cúis aithis. A mháthair gan toibhéim: gan teimheal: nách féidir locht do chur it leith. Toibhéim choitcheann dos na daoinibh go lamhálaid a leithéididhe de dhochtúiridhibh gan mhaith gan tairbhe ina measc: cúis aithise is náire. Budh bhreágh leat bheith ag éisteacht lé duine ag tabhairt toibhéime dhom, sin é an saghas aigne atá agat: ag tabhairt masla: ag rádh nó ag cur ruda i leith dhuine a thairrngeóchadh mí-mheas nó gráin na ndaoine air. Bhéarfaidís toibhéim duit lé héad, ní haon mholadh gheóbhfá uatha ach go háirighthe: chuirfidís rudaidhe éagcórach it leith. Tá so lé rádh aige gur thug sé a ainm 'sa chlú gan toibhéim leis: gan locht ná teimheal cúise.

toibhéimeach: *a.* lochtach, teimhealta, scanaileach. Nár chaith sé beatha neamh-thoibhéimeach, cé air gur dhein sé olc ná díth mar ar dhein air féin: nár bh'fhéidir cúis ná locht do chur ina leith. Is toibhéimeach an cúrsa i gceanntar bheith ag díol dochtúiridhe is ná fuil aon dul amach aca ar an aicíd seo atá ag milleadh na ndaoine: aithiseach.

toice: *b.4.* maoin, saidhbhreas. Ní fheadar cad a bheidh aca ná ag éinne eile thar éis bháis dhóibh, ach tá toice an tsaoghail seo aca: maoin: conách. Choidhche ná raibh díth toice ort: ceal do dhóthana do bheith agat. Níor thuit toice ná conách air: saidhbhreas ná breis. Tuile na toice chughat mar is fiú thu rud do bheith agat: breis den maoin. Féach a thighthe, a chuid talmhan, cé áirmheóchadh a thoice?: a strus: gustal. Fás toice chughat: breis agus breis de mhaitheas an tsaoghail ort. Ar dhícheallacht is dúthracht na ndaoine bhíonn toice na dúthaighe: saidhbhreas: cruinneáilt tortha. Is í tír na toice í dá mbaintí aiste í: toradh is mianaigh na talmhan.

toice: *b.4.* gearrchaile bun-fhásta, deiliúsach. Nách í an toice í, gan ach an focal mí-bhéasamhail aice dá máthair: cailín dána, teidealach dá haois. Tá toice gearrchaile aice a sheasóchadh an ball lé haon gharsún: dána, teidealach. Ná bac bheith id thoice, bí mánla: dána, deiliúsach. Lóiste liosta nó toice gan éifeacht: a bheadh ró-dhána. Tá sí ina toice nách fada ná go mbeifear ag lorg fir di: cailín bun-fhásta. Seachain uaim, ní bheinn ag féachaint ort, a thoice: rud deiliúsach gan mhaith. Nách é an aithis é na toicidhe bheith ag ól thobac: cailínidhe ag borradh ina mnáibh, gan támáilteacht ná scáth ag baint leó.

toiceachán: *f.1.* cailín deiliúsach, dána. Tháinig toicheachán chun an dorais agam agus ní lugha ná b'fhonn a bhí uirthi gan fágaint go bhfaghadh sí an rud dob fhearr im thigh: a bhí dána, toghail, ughdarásach. Dailtínidhe is toiceacháin óga an pharróiste anois, gothaidhe, stocaidhe síoda, rothair, gluaisteáin, toitínidhe is rinncidhe atá dhá thaidhbhreamh dóibh: óga, dána, clódhchaiseacha dá n-aois.

toichead: *f.3.* saoirse, cead saor, folachtain. Tá toichead fachta ón lucht ceannais aige longughadh san dúthaigh: tá sé lamhálta dho. Fuair sé toichead an tighe: saoirse chun aon ruda budh mhian leis do dhéanamh. Tugtar an iomad toicheada dho, sin é atá ag teacht leis, dar leis go bhfuil cead uilc is mhaitheasa aige: an iomad dá thoil.

toicheaduighim: *b.a.* bronnaim, lamhálaim, fuilngim. Toicheaduightear an iomad ar fad do, a rian air téigheann sé ró-fhada: tugtar a cheann do. Ní thoicheadóchainn do dhuine gabháil lastuas ar fad díom: ní lamhálfainn. Toicheaduigh sí dhom a pógadh: cead saor.

toiceamhail: *a.* maoineach, cumasach, gustalach, saidhbhir. Bailigheann daoine toiceamhla na dúthaighe sa gheimhreadh mar a mbíonn grian is aoibhneas aca: iad so go mbíonn cumas maoine aca. Tír thoiceamhail atá lán de mhianach is a thabharfadh aonnidh: torthamhail. Duine toiceamhail, bhí cumas aige ar thabhairt dos na bochtaibh: go raibh maoin mhór aige. An lucht toiceamhail: daoine saidhbhre, cumasacha.

toiceamhail: *a.* dána, deiliúsach. Ní maith an rud do chailín do bheith toiceamhail lé n-a máthair, budh cheart di urraim do bheith aice dhi: dána.

toicidhe: *f.4.* duine gustalach. Ní raibh an saidhbhreas san ar fad in ao'chor ina dhiaidh cé gur thoicidhe é gan amhras: duine maoine is strusa.

toicín: *b.4.* cailín deiliúsach, dána. Bean tuinncéara is ál toicínidhe ina fochair: gearrchailidhe beaga, dána, deiliúsacha, míbhéasacha.

toicneáil: *b.3.* saghas feistighthe, útamáil, gíotáil. Tá a chuid maitheasaidhe déanta anois, níl aon rud ach go mbíonn sé ag toicneáil tímcheall an tighe: gíotáil: d'iarraidh mion-rud do dhéanamh. Thugamair toicneáil éigin as an mbád gur thug sí chun tíorach sinn, ach sin a raibh ann: saghas deisighthe. An bhféadfá aon tsaghas toicneála do dhéanamh ar an dtrucaill a bhéarfadh abhaile í: "paisteáil". Ní haonnidh dheineann sé go mbíonn deallramh air ach bheith ag síor-thoicneáil: gíotáil lé rud d'iarraidh a dhéanta nó a dheisighthe. Níor dheinis aonnidh cóir riamh ach an toicneáil: abláil. Ná bí ag toicneáil liom-sa ar eagla go múinfinn do phaidreacha dhuit: ná bí ag giobaireacht ná ag imirt go seafóideach orm. Chaithfeadh sé a shaoghal ag toicneáil – d'iarraidh – crúdh do chur fé chapall, fuinneóg do dheisiughadh, taoibhín do chur ar bhróig agus rud, aonnidh in ao'chor, ach obair dhuaibhseamhail: gíotáil, útamáil.

toicneálaidhe: *f.4.* gíotálaidhe, útamálaidhe, ablálaidhe. Beir choidhche mar bhís riamh id thoicneálaidhe, an bhféadfá aon rud lé fuaimeant do dhéanamh?: útamálaidhe. Toicneálaidhe diail seadh é, ná leig do méar do chur ar an leabhar san d'aistriughadh, ní bheadh aon tslacht air: útamálaidhe. Dá bhfeictheá ag gluaiseacht tríd an sráid i gcéim iad, deirim-se leat ná déarfadh neach gur thoicneálaidhthe iad: daoine ná raibh ach lom-eólas ar a gcúram aca. Caith uait an tuagh san, a thoicneálaidhe, mar ná beadh adhbhar teineadh d'adhmad briste fén oidhche agat: duine ná feadair connus an t-arm d'ionnramháil. An toicneálaidhe bocht, cabhair leis, choidhche ní chuirfeadh sé an gluaisteán san ar siubhal: aindeiseóir gan eólas ar an nidh bhíonn idir lámhaibh aige.

toighis: *b.2.* aidhm, éirim, spreang, teadh. Tháinig toighis ann fanacht sa bhaile, is é díreach ullamh chun gluaiste: teadh obann. Is iomdha bóthar do thugann toighis na hóige uirthi féin, ní bhíonn sí buan-tseasaimh. Dá nglacfadh an toighis é budh bheag aige bailiughadh leis: an spreang. Ná buaileadh aon toighis tu me do thréigean: ríog.

toil: *b.2.* deóin, mian, cómh-aontadh, cead; meas, claonadh; an feart ag an nduine gur féidir leis a smaointe is a bhearta do smachtughadh is do dhíriughadh; cómhacht ar ghníomharthaibh duine eile; dúthracht; aigne leagtha, cinnte; meón; rún. Léd thoil tabhair

dom an chasóg san: tabhair, is gurb áil leat an gníomh san do dhéanamh: go raibh t'aigne lé n-a dhéanamh. Trí shaghas bocht – duine bocht lé toil De, duine bocht lé n-a thoil féin is duine bocht dá mbeadh an saoghal aige. Dá mb'é a thoil é, dubhart leis gan bheith ródhian orm, mar go rabhas lag is gan bheith ar fóghnamh: dá mb'é a mheón é: dá mb'áil leis é. "An raghad abhaile anois?" – "mar is toil leat": má sé do mhian féin é. Dá mb'é toil Dé go dtiocfadh aon ghaoth orm go dtuillfinn ádhbhar airgid: dá mb'áil lé Dia é: dá ndeónadh Sé a dhéanamh. Toil Dé gach aonnidh: tuiteann gach aon rud amach dréir a rúin (ná tuigimíd). Mara néann sé rud ort bíodh a thoil féin aige: leanadh sé a rún 'sa chómhairle féin. I gcoinnibh mo thola do chorruigheas cos, níor lugha orm an sughadh 'ná é: ní raibh aon fhonn orm. Bíodh a thoil aige, leig leis: an rud atá uaidh leanadh sé dhe. Má bhí sé riamh agat tá sé anois agat, mian do thola: an rud a bhí uait: a shanntuigh t'aigne. Ní bhíonn aon teóra lé toil beirte is cabhair Dé, mar adubhairt an té gur saoghaluigheadh clann do: claonadh a n-aigne lé gníomh do dhéanamh. Fuair a thoil aonta é do thógaint, "beir leat", ar seisean, "agus fáilte": go hiomlán. Bhuail sé lé n-a thoil mheanmnaigh iad: gan aon truagh ná taise. Ná bíodh aon mhilleán agaibh air gur le tafant ná lorgaireacht do fuair sé uaim é, ní headh ach lém toil mheanmnaigh: go fonnmhar óm chroidhe amach. Thug sé a lán-toil leis an gcleamhnas: a dheóin. Deineadh sé a rogha rud, níl neach annso d'iarraidh é do chur amudha, ná fuil toil is tuigsint aige féin: nách féidir an ceart do bhreithniughadh agus déanamh dá réir. Mar is toil lé Dia seadh bheidh an lá: mar is mian leis. Dá mbeadh fios mo thola anois agat nár bh'aoibhinn leat é: eólas ar cad is mian lém aigne. Le toil a chéile do dheineadar é, tá duine chómh cionntach lé cách: cómhairle, aontadh. Ní thagann sé lé toil m'aigne é seo do dhéanamh ach níl aon dul as agam, is é mo dhualgas é: ní chuireann sé aon tsubháilceas aigne orm: ní réidhtigheann sé léi. "Chaithfinn an t-urchar so leat" – "dá mb'é toil Dé go ndéanfá, mhaise": dá mbeadh sé de mhío-ádh ort go gcuirfeadh Dia id chroidhe é. Duine seadh thu agus is tríd chionntaibh féin é ná fuil toil ag éinne dhuit: ná tugann neach gean duit. B'é toil Dé go raibh an droichead curtha againn dhinn nuair séideadh san aer é: deónughadh: gníomh Dé. Más toil lé Dia dho é mairfidh sé: má sé deónughadh nó mian. Dhein sé dá thoil dheóna féin dul ann gan tafant, gan iarraidh: as féin: b'é a mhian féin é. Tugtar a thoil féin do, tiocfaidh a chiall do i ndiaidh a chéile: a shlighe féin mar is mian leis í do leanamhaint. Fuaireas an bhean so de thoil athar is mháthar: ní raibh curtha ina choinnibh ag ceachtar díobh í do bheith ina céile agam. Éirighim asaibh, ní thiocfadh sibh choidhche ar thoil a chéile: ní aontóchadh sibh. Déinim gach aon rud as mo thoil féin: cómhairle: dréir mar tuigtear is go mbíonn m'aigne leis. Bhí toil mhór ges na daoinibh dho, bhí a rian ar na sluaightibh a bhí ina shochraid: an-leagadh aca leis. Cuirimís ár dtoil lé toil Dé in aimsir seo na broide is an chlampair: bímís sásta lé grástaibh Dé go ndéanfaidh an rud is fearra dhúinn. Tógadh uaidh é gan a thoil: cead. "An scríobhfair chuige?" – "mar is toil liom": díreach mar is mian liom: déanfad pé rud is maith liom féin. Má bhíonn sé ag eascuinghe féin ort ní bhíonn a thoil leis: ní hón-a chroidhe é. A bhuidhe lé Dia go bhfuil an saoghal ar a dtoil ges na daoinibh faid fhanas an cogadh uatha: go subháilceach: mar budh mhaith leo. Anois díreach atá an tsean-phíp ar mo thoil agam: an gal ag teacht aiste chun mo shástachta. Táir ar mo thoil anois agam, a chladhaire, go bhfuil greim scórnaighe agam ort: díreach mar theastuighir uaim do bheith. Is í an obair gan toil í: ná leanann an dúthracht ná an dícheallacht í. An é do thoil dul abhaile?: an bhfuil fonn ort dul? Creid me leis go bhfuil deagh-thoil agam leat: aigne mhaith: gur mian liom go maith thu. Go ndéantar do thoil ar an dtalamh mar déintear ar

neamh: do rún: an nidh go bhfuil t'aigne leis. Bíonn sí ag imirt a tola air: ag cur iachall air na rudaidhe is mian léi-se do dhéanamh. Do bhuaidh an toil ar mo thuigsint is thugas fé rud ná raibh aon dul agam air: do ghaibh an fonn lastuas díom. Táid ar a dtoil annsúd: go maith as: os chionn a gcumais. Fág ar a thoil an duine, ná cuir aon gharbhuaic air: leig do gníomhughadh díreach mar thagann a theadh air. Má ghaibhim an lá chun mo thola treabhfad: chun mo shástachta. Tá fear chun a tola aice is é tuillte aice: fear a thaithnigheann ar gach cuma léi. An bhfuil an capall san chun do thola?: an dtaithneóchadh sé leat? An bhfuil an biadh is an aoidheacht chun do thola?: an dtaithnighid leat? Dhein sé gan toil éinne beó é: gan a chur i gcómhairle éinne. Níor thoil lé héinne do dhíth: níor mhian leo. Níor thoil lé héinne go ndéanfá do dhíoghbháil féin: níor mhaith. Deineadh sé a thoil féin ó 'sé atá uaidh, air féin a bheidh a iarsma: mar is áil leis ina aigne. Péaca gur thoil leó é nó nár toil b'éigean dóibh géilleadh: go raibh a n-aigne leis. Cad budh thoil leat (le n-itheadh, d'fheicsint, etc.): a bheadh uait. Tá an leanbh san imthighthe ó n-a toil ar fad, luach leathphingne ní dhéanfadh sé uirthi: ní ghlacfadh a cómhairle: níl aon smacht aice air. Ól do thoil: an rud nó an méid is mian leat. "Beidh sé go maith ambáireach, ní bheidh faic air" – "gura toil lé Dia san": go rúnuigheann Sé sin. Is aige siúd atá an droch-thoil, b'fhearr leis iomard ort ná dhíot: an droch-aigne. An té ná smachtóchaidh toil na colna is truagh dealbh é: an fonn, an mian, an cíocras a bhíos uirthi chun mí-ghnímh. Lé toil na Maighdine tiocfaidh siad siar: lé n-a guidhe 'sa mian. Bíodh mo lán-thoil aon leabhar atá annsan do bheith agat: maidir liom-sa dhe tóg aon cheann aca is mian leat. Baineadh treascairt ó mhullach an tighe as anuas ar an sráid b'é toil na ngráist nár imthigh mágáine air: bhí ádh an domhain uile leis. Tugadh do thoil duit as t'óige agus ní fearrde thu é: leigeadh duit do shrón do leanamhaint. Dá bhfaghainn-se mo thoil ní bheinn annso: dá leigtidhe dhom an rud do bhí ar m'aigne do dhéanamh. "Ní hé gach uile neach a deir riom-sa, a Thighearna, a Thighearna, rachas isteach sa ríoghacht neamhdha; acht an té do ghní toil m'athar-sa atá ar neamh" (Matha VII. 21): a choimeádas a aitheanta. "Nách bhfuil ar n-a ngeineamhain ó fhuil, ná ó thoil na colna, ná ó thoil fir, achd ó Dhia" (Eoin I. 13): ó mhian: fonn. "Adubhairt Íosa leó, is é mo bhiadh-sa toil an té do chuir uaidh me do dhéanadh, agus a obair do chríochnughadh" (Eóin IV. 34).

toileachas: *f.1.* fonn, mian, aontadh. Nách aoibhinn don té go mbíonn toileachas intinne aige is ná bíonn cúram éinne ag déanamh mairge dho: sástacht. Níor thugas fé ndeara go raibh aon toileachas air, is mar sin d'éirigheas de bheith ag tafant air: fonn air géilleadh dhom nó leagadh leis. Ná bí d'iarraidh a toil d'fhagháil dá aimhdheóin: a aontadh. Aon rud níor dhein sé ón lá phós sé gan toil a mhná: a haigne do bheith leis.

toileamhail: *a.* fonnmhar, de dheóin. Níor cheart aon mhilleán do bheith air é do ghortughadh, ní go toileamhail do rinne sé: ní raibh a aigne. Tiocfad-sa toileamhail go maith, ní iarrfad aon tafant: go fonnmhar. Ní thréigfeadh aon fhear a óladh an oiread leis an deoch ach fear toileamhail: fonn daingean, láidir do bheith aige. Ní tháinig sé leis na gárdaidhibh go toileamhail in ao'chor, b'éigean dóibh iachall do chur air: dá dheóin féin. Duine ró-thoileamhail atá ann, ní bhainfeá bogadh ná sathadh le cómhairle: ceanndáine. Bheinn an-thoileamhail leis, taidhbhsigheann sé go maith dhom, dá bhfaghainn cóngamh: fonn mór a dhéanta orm.

toileamhaint: *b.2.* ag tabhairt tola, aontadh etc. An bhfuilir ag toileamhaint lé scaramhaint leis seo ar feadh lae nó dho: ag aontadh. Tógadh uaim é gan aon toileamhaint uaim: gan aon aontadh: gan mo chead. Caithfead toileamhaint leis, cé ná taithnigheann sé liom: caithfead gabháil leis an nidh atá dhá dhéanamh. Nílir ag toileamhaint leis an saghas so riaghaltais?: sásta lé n-a bheith ann.

toileamhlacht: *b.3.* aontacht, géilleadh, deónacht, ceanndáineacht. Leis an dtoileamhlacht atá chómh daingean san isteach ann ní éisteóchadh sé lé héinne a bheadh ar mhaithe leis: ceanndáine. D'fhoillsigh sé a thoileamhlacht teacht gan aon mhoill: theasbáin sé go raibh fonn air. Níl aon rud atá laitithe aige ná gur lé toileamhlacht é: bhí a aigne dhúr, dhána leis. Gníomh lé toileamhlacht a dheineadar, nár thángadar fé n-a bhrághaid chun a dhíthe: gníomh ceapuighthe roim ré.

toileamúintidhe: *f.4.* cómhairleóir. Lean de agus beir go maith, tá togha toileamúintidhe agat (leamhas): duine ciallmhar, deaghchomhairligh.

toilidheacht: *b.3.* aontadh, géilleadh, fonnmhaireacht. Léd thoilidheacht a peineadh é cé ná raibh aon lámh agat féin ann: ceadaidheacht. Dá thoilidheacht féin a dhein sé é, níor chuir sé i gcead ná i gcómhairle neach ar bith an áit d'fhágaint: de dhruim an nidh gur ghaibh a aigne leis: dá dheóintibh féin. Níor thug sé aon toilidheacht ar an ndoras d'oscailt, fiú amháin, níor fiafruigheadh de é: aon chead. Bhí mo thoilidheacht leis gan amhras, mara mbeadh go raibh b'fhuraiste dhom a chosc: m'aontadh: ghéilleas do n-a dhéanamh: bhíos leis im aigne. Thug sé a thoilidheacht uaidh aon rud budh mhian linn do bheith againn: ghéill sé gan iachall do chur air.

toilighim: *b.a. & n-a.* d'aontuigheas, réidhtigheas le, mholas, cheaduigheas. An té a thoileóchadh léd phóca do shlad thoileóchadh sé léd mharbhadh: d'aontóchadh: a bhíodh leis i ngníomh nó in aigne. An dtoileófá lé tú do bhualadh gan lámh do thógaint i gcúiteamh?: an bhfanfá suaimhneasach?: an luighfeá fé. Thoiligh a raibh láithreach gan aon nath do chur in aon rud adéarfadh sé: thángadar uile ar an gcómhairle sin. Fear gan chroidhe a thoileóchadh lé bean do bhualadh faid agus d'fhéadfadh sé é do chosc: a bheadh sásta leis gan a lámh do thógaint. Ó thoiligh Dia do bheith mar tá sé ina leath-amadán cad é leigheas éinne air: ó leig sé a bheith mar sin. Ar thoiligh a muinntir í do thabhairt mar mhnaoi dhuit?: an rabhadar féicheamhanta? Thoileóchadh sé lé haon rud go leanfadh deoch é: bheadh sé sásta a chion do dhéanamh: aon mhairg ní chuirfeadh sé air cad bheadh caillte ag éinne leis. Thoiligh sé go mór í: bhí mian an domhain aige a sealbhughadh. Toilighim lé tu ghá thógaint: is áil liom é. Ní thoiligheann m'aigne in ao'chor leis seo: i gcoinnibh m'aigne atá sé dhá dhéanamh. An rud a thoiligheann duine bíodh a thoradh aige: an rud is mian leis do chur roimis is do dhéanamh.

toillim: *b. n-a.* oireamhnuighim, oirim do, gheibhim slighe ann. Ná corruigh, tá mo dhóthain slighe agam, is beag an poll go dtoillfeam go léir ann an lá déidheannach: a bheidh mór ár ndóthain dúinn. Ní thoilleann an chos sa phíp, tá sí ar bogadh: níl sí oireamhnach di. Is mairg ná toilleann ar an dtaobh chluthair den gclaidhe: ná bíonn slighe aige ann. Ní thoillfeadh a bhróga in ao'chor dom, pasúir mhóra atá air is níl orm-sa ach troighthe beaga: ní oireamhnóchaidís me. Is amhlaidh mar tá aca a dtoilleann ann ina

seasamh ní thoillid ann ina suidhe: ní bhfaghaid slighe a ndóthain. Ní thoillfeadh sé dhom-sa in ao'chor bheith ag brath ort-sa: ní oirfeadh dom. Toilleann sibh dá chéile mar bheirt bhitheamhnach: oireann.

toilteach: (**toltach**) *a.* fonnmhar. Ní bheadh sé toilteach leis ar choingheal chómh lag leis: ní bheadh fonn air géilleadh dho.

toilteanach: *a.* fonnmhar, féicheamhanta. Táim toilteanach lé dul libh ar choingheall ná déanfaidh sibh aon rud as an slighe, gan san ní chorróchad cos: sásta: tá m'aigne leis. Oibrigheann sé go neamh-thoilteanach dom, is beag leis a thuarastal: i gcoinnibh an fhionnaidh. Chun a chirt do thabhairt do, ní go toilteanach do thóg sé é, budh mhór leis an dúthracht a bhí dhá dhéanamh air: ní raibh aon mhian mór aige glacadh leis. Duine toilteanach atá ann: éascaidh chun gnímh nó géilleadh do réasún.

toilteanaim: (**toilteanuighim**) mianaim, gabhaim lé. Ní thoilteanóchainn in ao'chor lé fanacht níos sia san áit seo, tá sé ró-chonntabharthach: ní aontóchainn: ní bheadh m'aigne leis. Ar thoilteanuigh sé teacht nó ar dhiúltuigh: an raibh a aigne leis? Dá dtoilteanóchadh Dia dho maireachtaint go mbeadh sé céad ní haon athrughadh a raghadh air: dá ndeónóchadh: dá mbronnadh air mar thabharthas. Thoilteanóchadh an diabhal san léd mharbhadh: bheadh leis.

thoir: *d-bh.* an áird sin den spéir go n-éirigheann an ghrian ann; ceann de cheithre phríomh-phoinntidhibh an chompáis. Ní bhfaghaim thoir ná thiar ina chuid cainnte é: fuaimeant ar bith leis. Tabhair t'aghaidh soir: i dtreó éirighthe na gréine. Chaitheas furmhór mo shaoghail sa tíorthaibh thoir: tímcheall na hIndia Móire, na Síne, na Seapáine, etc. An fhéachaint a bhí aca orm budh dhóigh leat ortha gurbh fhear ón ndomhan thoir me: ón Áisia. Táthar ag teacht thoir is thiar orm: ró-dhian, mar bheadh lucht fiach. Ní mór an solas a bhí san áird thoir nuair d'oscail an scraiste a shúil i ndíg an chlaidhe: ní raibh an ghrian ach ag cur uaithi. Thoir ná thiar níor bhuail do leithéid de gharsún lé haimhleastacht liom: in aon bhall dár ghaibheas. Tair lastoir díom: ar thaobh na gréine d'éirghe. Daoine ón dtaobh thoir 'e Dhaingean a bhuail liom: a chómhnuigheas ar thaobh éirighthe gréine dhe. Ón gceann thoir go dtín cheann thiar den ndúthaigh tá anchrích ar an bhfóghmhór: ar feadh a leithid ar fad. San doras thoir orainn atá Sasana: idir sinn is éirghe gréine.

tóir: *b.3. & 5.* leanamhaint i ndiaidh lé hintinn; fiadhach, sealg, ruaig; lorg, cuardach; éileamh; fiadhaidhthe. Cad í an tóir atá anois ort go bhfuil an deithneas go léir fút?: cad tá id dhiaidh?: cé tá d'iarraidh teacht suas leat? Cad í an tóir atá ort go bhfuilir ag piardáil thall 'sabhfus mar sin?: cuardach: lorg. Cuireadh tóir air ach má cuireadh d'éaluigh sé uatha: cuadhthas ina dhiaidh ghá lorg, chun beartha air. Teich, tá an tóir chughat: duine (daoine), rud ar bith: namhaid. Chonnaic sé an tóir ag teacht ón bhfarraige: an namhaid nó b'fhéidir droch-aimsir. Tá tóir laistiar: droch-aimsir ag druideam linn. Nuair bhraith sé an tóir chuige chuaidh sé i bhfolach: rud éigin a bhí ar a thí. Táim ar thóir mo phinn pé áit gur bhuaileas tharm í: ar a lorg go dian. Níl aon tóir ar thobac anois agam, d'imthigh mo dhúil as nuair chuadhas ró-fhada dhá cheal: aon éileamh ná fonn orm chun a chaithte. Chughat! tá an tóir leis an dtóin agat: táthar ar do thí, ghod lorg go tiugh, láidir. Bíonn an-

tóir ar an rud a bhíos gann: bítear go dian chun a sholáthra. Is minic sa tóir é: ar lorg ruda éigin. Chloisfeá leath-mhíle ón dtigh an tóir a bhí ann: an gleódh is an callán. Ar theacht na hInide anois beidh sé ar thóir mná: ar lorg céile dho féin. Raghadh sé as so go hifreann ar thóir dighe: in áit go mbeadh súil aige lé n-a fagháil. Ní chorróchadh sé dá mbeadh an tóir ar an dtairsing aige: an namhaid i mbéal an dorais. Tóir an tsionnaigh: fiadhach. Leantar an iomad tórach air: bítear ró-dhian air gan chúis.

toirbheart: *b.3.* (do) thabhairt, (do) bhronnadh; féile, bronntanas, breith. "An bh'shin a bhfaighead i gcúiteamh ar thugas duit?" – "nár chualaís riamh, toirbheart fhann agus aiseag gann": bronntanas beag, cúiteamh beag. Moladh go hárd lé Dia do shaoghaluigh sí cúigear d'aon toirbheart amháin: thug ar an saoghal d'aon bhreith. Dúthaigh shaidhbhir go bhfuil toirbheart innte, chothóchadh sí na milliúin: toradh. Faid is tá aithne agam air ní fheaca an toirbheart riamh ar a láimh, ach an sprionnlaitheacht 'san ghainne: flaitheamhlacht.

toirbheartach: *a.* fial, laimhthighiseach. Duine budh thoirbheartaighe níor shiubhluigh an féar riamh, thabharfadh sé a léine amach ón gcroiceann duit: an-fhial. Cé go raibh sé sprionnlaithe ar mhionrudaidhibh bhí sé ró-thoirbheartach ar rudaidhibh áirighthe mar shíntiúsaidhe troma do bhronnadh ar son carthanachta: sconna-bheartach.

toirbheartaidhe: *f.4.* bronntóir, duine a thairringeas síntiús, aisce, etc., soláthraidhe. Cér bh'é toirbheartaidhe an buidéil Nodlaig so?: cé thug uaidh mar bhronntanas é. Toirbheartaidhe maith in aon tigh é siúd, má bhíonn rud is féidir d'fhagháil in aon áit, pé duadh é, beidh sé aige: soláthraidhe. Mara mbeadh na toirbheartaidhthe go léir a chabhair linn ní bheadh an oiread leabhar bailighthe againn: bronntóiridhe.

toircheas: *f.1. ⁊ 3.* comhaille, tórmach, aistear; geineamhaint. "Mar do rug an cnoc luch mar thoircheas as na seacht mbliadhnaibh i ndiachair tórmaigh": an ghein a thug sé. Tá an biadh ina thoircheas bronn air, d'ith sé an iomad: ualach ina ghoile, ar a chroidhe. Beidh toircheas ar an mnaoi: beidh sí ag iomchar clainne. Lé linn a toirchis ní rabhthas aireach is bhí slincín aice: i dtráth a haistir. Níor mhaith agus níor lán-mhaith an toircheas mná, an t-alfraits: geineamhaint.

toircheasach: *a.* trom, torrach, torthamhail. Deir an bhean go bhfuil sí toircheasach ded dhruim: go bhfuil ag iomchar chlainne. Talamh toircheasach fé gach saghas barra: lán de thoradh: borrtha, saidhbhir leis.

toirchighim: *b.a.* torthughim, cuirim geineamhaint ann, leasuighim, clannuighim. Toirchigheann an coileach an t-ubh: cuireann an gheineamhaint ann, go dtagann an t-éan as. Dá pósta leis í níor thoirchigh sé riamh í: níor ghaibh sí uaidh. Sin é an leasughadh do thoirchigheann an úir: a fheabhasuigheas é: a chuir tabhairt is toradh ann.

toirchiughadh: *f.* (*-uighthe*) torthughadh, leasughadh, clannughadh, do dhéanamh torthach. Níl sí ag toirchiughadh uaidh, an bean aimrid í?: ag gabháil chlainne. Níl máighistir toirchighthe na talmhan i ndóthain d'aoileach buaille: leasughadh. Nách mór

an iongadh ná fuilid ag toirchiughadh, lánamha bhreágh, shlán, fholláin mar iad, thabharfaidís aonnidh ar leanbh: clannughadh.

tóireadóir: *f.3.* lorgaire, tóraidhe, cuardóir. Tóireadóir an sionnach gur de a raghaidh má bhíonn ocras ar a choileán: soláthraidhe maith bídh. Áthraidhe beaga, luatha aca anois mar thóireadóiridhe bád fé thuinn: lorgairidhe: cuardóiridhe: fiadhaidhthe. Ní fada ó am thóireadóiridhe na Gaedhealainge do bheith chughainn: lucht a fhoghluma fén nGaedhealtacht. Idir thóireadóir is thórán – an gadhar 'san fiadh, chuadar lé haill: súd a bhí ag fiadhach is súd a bhí dhá fhiadhach.

toireasc: *f.1.* sábh. Cuir slighe ar an dtoireasc: bain ós na fiaclaibh lé barra cuimealtha. Ramh toirisc: an mhin a fhanas i ndiaidh a gheárrtha.

tóiréis: *b.2.* imshníomh, cúramacht, fiafruightheacht. I rith na seachtmhaine níor stad sé de bheith ag cur do thuairisce nách mór an tóiréis id thaobh í: an buaidhreamh aigne. Ná bíodh aon tóiréis ina thaobh ort, tá breis mhór fheabhasa air: imshníomh: suathadh. Bíonn sé ag déanamh tóiréise id thaobh aon am a bhuaileann sí umam, ní déarfainn ná go bhfuil éileamh aice ort: mórán fiafruighthe aice.

toirléaspadh: *f.* (*-ptha*) torann, fothrom. An fharraige ag stialladh an chláir i gcoinne fhalla an chuasa is maran raibh toirléaspadh dhá fagháil aige: smísteáil throm. Toirléaspadh ag an eileafaint ina chródh d'iarraidh briseadh amach, chloisfeá seal ó bhaile é: glór is torann ó n-a ionfairt.

toirléim: *b.2.* léim mhór, túirleang de léim. Thug an fiadh toirléim i bhfarraige níos túisce 'ná béarfaí air: léim ghroidhe árd. Nuair caitheadh an t-uisce te air chrom gach aon toirléim aige an doras amach.

toirm: *b.2.* geóin, glór. Toirm is torann aige lé n-a bhrógaibh tairngidhe ag rinnce ar lic chruaidh na teineadh: glór. Ní chloisfeá an té a labharfadh leat ag poll do chluaise lé toirm an chatha: geóin is glafarnach. Chuireas cadás im chluasaibh ag toirm na ngunaidhe móra, mheasas go bpléascfadh mo cheann: fuarmáil fhiadhain.

toirmeasc: *f.1.* cosc, freasabhradh, iomard, bac, achrann, eas-aontadh, buaidhreamh, ciotaighe. Ná déin aon toirmeasc anois dom, táim ag machtnamh go doimhin: ná déin aon rud a thiocfadh treasna orm. Is mór go léir an mac toirmisc é, ní bheadh sé i gcuideachtain ná go mbeadh bruighean ar siubhal aige: duine a ghníos mioscas idir dhaoinibh. Táim ghá thoirmeasc ort dul ina goire nó go raghaidh an tinn ort: ghá fhógairt duit gan. Bíonn an toirmeasc i ndiaidh an óil: is gnáthach go leanann achrann is buadhairt é. Mo thuairm gur fonn toirmisc atá ort leis an sciain sin: daoine do chur i gcoinnibh a cheile is bruighean d'adhnadh. Sin í bliadhain do cuireadh toirmeasc ar an ólachán i Mearaice is gur hiadhadh na tighthe tábhairne: coisceadh bheith ghá dhíol. Is minic minic do shiubhlas sráideanna na cathrach moch, déidheannach gan toirmeasc (gan éinne do dhéanamh toirmisc dom): gan éinne do chur isteach orm. Níl ionta ach lucht toirmisc sa dáil, ní thaobhuighid choidhche lé haon rud a dhéanfadh leas na ndaoine: dream a bhíos d'iarraidh gach aon bheart do chosc. Cuirfir toirmeasc ina measc má bhír id theachtaire

scéal eatartha: cuirfir ag achrann lé n-a chéile iad. Ag déanamh toirmisc atá na hóráideacha nimhneacha so, is ní hag déanamh suaimhnis ná maitheasa: buadhairt: ag adhaint na ndaoine in aghaidh a chéile. Iarraim ort gan me do thoirmeasc, nó ní thaithneóchaidh sé liom: gan teacht treasna orm nó iarracht do thabhairt ar me do chosc. Éad budh chúis toirmisc idir an lánamhain: a chuir go nimhneach in aghaidh a chéile iad. Raghaidh sé sa flaithis gan duadh gan toirmeasc: gan aon stad do bhaint as. An bhféadfá an méid sin féin do dhéanamh, dá luighead é, gan toirmeasc: gan achrann do tharrac. Chuirfeadh sé toirmeasc ar ingnibh a chos nuair bhíonn ceal tobac air, tá an oiread san dúlach aige ann: bruighean. Fear toirmisc é siúd, ní théigheann aon chómhnaidhe ar a theangain acht ag eachtraighe: a thairrngeas achrann is míoshuaimhneas. Toirmeasc ar an léithe, casachtaigh, tinneas cinn, etc., an buidéal so: rud a chuireas ar gcúl é. Níl aon toirmeasc eadrainn, má chidheann tú ag argóint féin sinn: aon achrann: easaontas. Tabhair aire duit féin sa bhóthar san, tá toirmeasc ann: achrann: aimhréidhe. Chómh cinnte is tá anam ionam táir ag toirmeasc na bhflaitheas orm, cuirir an oiread san uilc orm: ag teacht idir me agus iad. Toirmeasc ban é seo, is ní réidhteochaidh an saoghal é: achrann atá tógtha aca. Ní mór go bhféadfá iontaoibh do thabhairt leis, tá an toirmeasc ina chodladh ann: fonn mioscais. An bhfuil toirmeasc ar fheóil d'itheadh indiu?: cosc ón eaglais. Bhí toirmeasc ar chrann na haithne dár sinnsear: ní raibh sé ceaduighthe aca é do bhlas. I dtoirmeasc cártaidhe lámhachadh beirt: áiteamh is argóint a éirigh eatartha mar gheall ortha: olc a leanas iad. D'aithneófá air go raibh toirmeasc fé: mianach an uilc ann ag éirghe. A chailín, tá toirmeasc id shúil: deallramhuigheann sí go gcorróchadh sí fear chun caise is iomchair baoith. Seachain tu féin uirthi, tá an toirmeasc i nganfhios innte: míoshuaimhneas.

toirmeascach: *a.* achrannach, aimhréidheach, coiscitheach, easaontach, ciotach. Scéal toirmeascach atá agat, b'fhearra dhuit stad de, tairngeóchair gleódh leis: achrannach. Cad n-a thaobh bheith chómh toirmeascach? ná leigfeá an casán tríd chuid den dtalamh?: achrannach, freasabhrach. Is toirmeascach an rud do dhuine scian do tharrac, i gcuideachtain, ní fios cad thiocfadh dá dheascaibh: claon lé buadhairt do dhéanamh. Do dhaoinibh áirighthe rud toirmeascach airgead do thuiteam ortha: nách mór an mhoill aige buadhairt do dhéanamh eatartha. Thug sé óráid toirmeascach uaidh, mhol sé dá lucht éisteachta cur in aghaidh gach achta leis an riaghaltas: claon lé mioscas.

toirmeascaidhe: *f.4.* coisceóir, freasabhraidhe, duine nó rud a thagas treasna ar aonnidh a bheadh dhá dhéanamh nó dhá bheartughadh. B'fhearr liom faid mo radhairc uaim an toirmeascaidhe sin 'ná bheith i leith an tighe agam, suaimhneas ná síothcháin ní bhíonn in áit ar bith dá mbíonn: duine go mbíonn fonn air easaontas nó buaidhreamh do dhéanamh. Toirmeascaidhe madra é sin, ní túisce ameasc madraidhe eile é ná é ag troid leó: ainmhidhe achrainn. Toirmeascaidhe don nduine dob eadh me bheith ag giobaireacht air is é ag obair: do bhíos ag déanamh meargó dho, ghá mhoilliughadh, chur amudha.

toirmeascaim: *b.a.* (**toirmiscim**) coiscim, locaim, bacaim, staonaim, crosaim. Toirmisceann an aithne seo chun marbhadh do dhéanamh: fógrann sí gan marbhadh do dhéanamh. Thoirmisceas air chómh minic is tá méireanta orm gan dul in aon ghaobhar do thigh an ghalair: chrosas air. San ósbuidéal toirmisctear tobac: ní lamháltar a chaitheamh. Thoirmisceas ortha an dúthaigh d'fhágaint: choisceas: níor leigeas dóibh. Thoirmisc sé

orm is mé ag léightheóireacht: threasuigh orm: tháinig treasna. “A mháighistir, do chonnacamair-ne duine áirighe ag teilgean deamhan amach id ainm-si agus do thoirmeascamair é, ar son nách leanann sé dhínne” (Lúcás IX. 49): d’fhógramair do gan a dhéanamh. Cad thoirmisc an turus so thu nár éirigh leat?: a choisc: a theip thu.

toirmeascamhail: *a.* achrannach, coscthach, bagarthach. Ní fágtar in aon tigh tábhairne é nuair bhíonn braon ólta aige bíonn sé toirmeascamhail, is dhéanfadh sé buadhairt: tugtha do mhioscas. Cainnt thoirmeascamhail duit tagairt do chorthaibh a athar leis: cainnt nár lúghaichide dhi ná troid do tharrac. Leig dúinn dul ar aghaidh leis an imirt, ná bí chómh toirmeascamhail is bheith ag treasnaghail an uile nóimint: leagtha lé suathadh is buaidhreamh do dhéanamh. Cad is toirmeascamhla ameasc daoine ’ná teanga shuainseánach: is mó gur féidir léi easaontas is buaidhreamh.

toirmeascthóir: *f.3.* eadránaidhe tubaisteach, eadarghabhálaidhe buaidhrimh, treasnálaidhe, clampaire, tubaisteóir, cealgaire. Fanfad ón dtoirmeascthóir sin, ní bheinn saor in ao’chor ar a bheartaibh: clampaire: duine a spriogas achrann is buaidhreamh. Toirmeascthóir toghtha a chuirfeadh mainistir trí chéile, ní duine mar éinne é: duine gur b’é mianach a bhíos ann buaidhreamh do spriogadh: ná mairfeadh gan bheith ag adhnadh clampair is calláin. Duine mín, macánta me ná fuil fonn clampair lém chómharsain orm, mar sin d’fhágas baile na dtoirmeascthóiridhe: a chuirfeadh achrann ar ingnibh a gcos. Ní fhéadfadh toirmeascthóir éigin gan a ghlór do thógaint ag cur isteach ar an gcainnteóir: treasnálaidhe go raibh fonn clampair air. Ní raibh cártaidhe riamh gan toirmeascthóir ina measc: duine a adhnas áiteamh is a bhíodhgas buaidhreamh is clampar.

toirmeasctha: (**toirmiscthe**) *a.r.* coiscithe, crosta, fógartha, treasnuighthe. Bíonn feóil toirmeasctha orainn ar an Aoine: tá sé órduighthe dhúinn gan a hitheadh. Tá sé coiscithe orainn pósadh ar an dtaobh istigh des na glúinibh toirmeasctha gaoil: ná lámhalann dlighe na heaglaise. Tá sé toirmeasctha orainn bean ár gcómharsan do shanntughadh: coiscithe: rud ná fuil ceaduighthe dhúinn do dhéanamh. Tá sé toirmeasctha ag dlighe na talmhan deocha mearbhaill do dhíol ar uairibh áirighthe i rith na saoire: crosta: fógartha gan a dhéanamh. An toradh toirmeasctha: ná raibh cead ag ár sinnsear d’itheadh. Cad é an cnáimhseán atá ort? an bhfuil aon rud toirmeasctha sa tigh seo ort?: an dtagtar idir thu agus aon rud?

tóirneach: *b.2.* spéirling, glór trom, fothromach de bharr suathadh aibhléise san aer. Chuala tóirneacha balbha airéir: i bhfad ó bhaile gan aon teintreach. Na peacaidhe céadna airís, ní raibh ann ach aithrighe thóirnighe; nuair imthigheann an tóirneach imthigheann an scannradh is an cuimhneamh ar an anam a bheith i mbaoghal. Ní torann tréan go tóirneach: ní haonnidh aon rud go dtagann sé i gceart. Tá tóirneach ag an bhfarraige anocht: glór uathbhásach ag briseadh. Bhain bladhm tóirnighe an radharc asam nách mór: an splannc ’s an glór in aonfheacht nách mór. Nách air atá an tóirneach breimnighe: glór mór, láidir ag briseadh ghaoithe. Siar go léir chun na farraige chuala cogarnach thóirnighe, ag déanamh ar an maidin: fothrom íseal a thaidhbhsigh i bhfad uaim. Tháinig léidearnach (leadarnach) tóirnighe a bhodhair: pléasc mhór throm. “An bhfuil lámh agad mar atá ag Dia? nó an bhféadann tú tóirneach do dhéanadh le guth mar eisean?” (Iób XL.

9): glór mór, fothromach. Ní chuireann do chuid tóirnighe aon scannradh orm-sa: béiceach bhagarthach: glór mór, fuadrach.

tóirneamhail: *a.* lán de nó tugtha do thóirnigh, glórach, gleódhach. Aimsir thóirneamhail uisceamhail. Tír an-thóirneamhail sa samhradh í. Déanfaidh sí oidhche thóirneamhail: beidh ann. Spéir thóirneamhail go mbíonn deallramh na dtóirneach uirthi. Guth thóirneamhail aige: uchtach lán-láidir.

tóirnéis: *b.2.* líonrith, suathadh, annscríobadh. Dhruideas sall mar a bhfeaca na daoine go léir bailighthe, féach cad budh bhun leis an dtóirnéis: an suathadh: an dul trí chéile. An mhaidean a saoghaluigheadh é deineadh tóirnéis an domhain de, bhí sé i mbéal gach éinne: gleódh is cainnt.

tóirnighim: *b. n-a.* Thoirnigh sé ar chuma go mbodharfadh an fothrom thu.

tóirpín: *f.4.* duine beag suarach. Seo chughainn tóirpínidhe an iarthair: daoine nách mór lé rádh: dá fhaid siar iad budh lugha meas ortha.

tóirse: *f.4.* blúire so-lasta adhmaid túmtha in íle sho-lasta a bhladhmann is a lasann chun solais do thabhairt: ceannródaidhe. Beidh oidhche thóirsidhe againn nuair fhillfidh sé: lasfar iad lé lúthgháir do. Tóirse gan aon teimheal ceann ár dtíre-ne: fear iongtach chun ár dtreoruighthe. An gcloisir an tóirse gaoithe sin?: síth gaoithe: siolla fuinneamhail. Lastar tóirsidhe dho (leamhas): móruightear é. Tóirse don dúthaigh seadh é: féach an mianach atá ann is an dúthracht ar son na ndaoine: solas: treóir. "...taisbáinfidh [na carbaid] amhail tóirsibh, rithfidh cosamhail re teine" (Nah. II. 4): beidh ar dearg-lasadh. Múchann san do thóirse: baineann an réim díot.

toirt: *b.2.* méid, téagar, suim, tuise. Ní mór an toirt a bhí ionam an lá coimeádadh istigh ó scoil chun oibre: ní rabhas árd ná téagartha. Cá ngeóbhadh an toirt chuirp atá aige?: ní fhéadfadh sé gan neart do bheith ann is an mhéid atá. Éan beag ná fuil toirt m'órdóige ann: an-thruaillighthe ar fad. Léan ort, a thoirt gan tairbhe: duine mór leisceamhail gan aon mhaith. Tá toirt aige ort: is mó é ná thu. Comh-thoirt an bheirt aca: an oiread céadna atá ionta. Níl aon toirt ag teacht sa chapall: níl ag fás. Deirim leat dá mbeidís tómhaiste ná fuil aon toirt aca ar a chéile: ná fuil ceann aca níos mó 'ná an ceann eile. Cuireadh síos toirt-thoirt theineadh a róstfadh mart: ceann mór, groidhe. Dá mbeadh aon toirt ann ní bheadh aon náire orm é do thabhairt duit: méid, téagar. Iasc gan toirt: mion: beag. Bí chuige ar an dtoirt nuair ghlaodhann sé ort: ar an thap: go deaghair: gan mhoill. Tugann an chulaith nuadh toirt duit: taidhbhsigheann tú níos mó innte. Níl aon toirt ag fanacht san duine bhocht: méid: tá sé ag seargadh. An dtiocfaidh sé chun toirte choidhche?: an bhfásfaidh sé? Níl sé de thoirt ann neart do bheith ann: níl sé mór a dhóthain chuige sin. Thángadar ar an láthair de thoirt a chéile: in aon diorma: d'aon bhuidhin. Annsúd im aonar dom ar an gceann uaigneach gan toirt fiadha na feannóige lé clos agam: gach aon rud chómh ciúin leis an uaigh. Idir thoirt asail is múlach dob eadh é: budh mhó é 'ná ceann aca is budh lugha 'ná an ceann eile. Ní scéimh toirt: ní hí an mhéid a bhíos i nduine a néann breágh é. Ní hé a thoirt in ao'chor ach an truime go léir: árd-throm ar fad dréir a mhéid. Do thoirt-se d'fhear a bhuail liom: cóimhmhéid.

toirteamhail: *a.* mór-chorpach, téagartha, líonmhar. Thugais leat go toirteamhail é! (leamhas): ní mór a thugais chughainn. An bhfuairis airgead toirteamhail ar do chuid stuic?: suim mhaith. Mara bhfuilim toirteamhail táim pórtamhail: mara bhfuilim mór tá imtheacht maith fúm. Budh neamh-thoirteamhail liom é lé n-a thabhairt do mar b'fhiú a thuilleadh é: budh ró-bheag liom é. Is toirteamhla thaidhbhsigheann sé san uisce ná ar an dtalamh tirim: is mó. Cuir uait má tá teacht isteach maith féin aige ní furaiste in ao'chor muirear toirteamhail do thógaint i gcathair: mór-lín. Dar leis ná fuil éinne is toirteamhla ar an mbaile indiu ná é, ní beag aige é féin: is tábhachtaighe. Tá sé ró-thoirteamhail as a bholg: borrtha. Ubhla toirteamhla: reamhra. Tá a bhean toirteamhail aige: toircighthe, ag iomchar clainne.

toirteamhlacht: *b.3.* méideamhlacht, téagarthacht, líonmhaire. Lé toirteamhlacht an tsoithigh budh dheacair dúinn a chur i bhfolach ar an ndream a bhí ar a thóir: taidhbhse mhór. Ní maith an bhail air bheith ag dul i dtoirteamhlacht leis an aois: meadar bhuilg ag teacht air. B'éigean é do chur ar an dtraen ní glacfaí leis sa phost lé n-a thoirteamhlacht: méid ró-mhór do bheith chun lé n-a ionnramhail. Lé toirteamhlacht an chruinnighthe ní bhfaigheadh ar bhuiligh chuige slighe isteach sa halla: líonmhaire. Tabhair fé ndeara an spéir ag dul i dtoirteamhlacht thiar: breis mhór scamall ag bailiughadh innte. Toirteamhlacht na teineadh róstfadh sí mart: réidhleán groidhe.

tóirtéis: *b.2.* mór-mheas as, sotal, taidhbhse, lán, mór-chúis, lúthgháir. Cuirir tóirtéis ar mo chroidhe an tslighe fhearamhail, ghalánta do labhrair: lúthgháir: éirghe croidhe agus fíor-áthas. Fear gan aon tóirtéis atá ann, a Mhuire! dá mbeadh a cheann ar a thuilleadh budh dheacair labhairt leó: gan taidhbhse: gan lán fé as a thréithibh. An diabhal me go gcuirfeadh sé tóirtéis ar éinne féachaint ar scata breágh leanbh mar iad, bail ó Dhia ortha – nách taithneamhach an radharc iad: mórdháil is meas. Ní bheannóchadh seisean sa bhóthar duit lé tóirtéis, pé uaidh dá bhfuair sé í: lé lán: mór-chúis: tóstalach, gaigeamhail as féin. Is subháilceach an rud duine gan tóirtéis: ná braitheann go bhfuilid aon phioc níos galánta 'ná a gcómhluadar. Cuireann sé tóirtéis agam orm féin me bheith ábalta ar an méid sin do dhéanamh: mór-chúis: mór-mheas. Lé fada riamh bhí an iomad tóirtéise fé lucht so na ngluaisteán, ach ar mh'anam go bhfuil an cogadh ghá baint díobh: éirghe anáirde: uaisleacht nár dhual. In am is go mbead-sa réidh leis ní bheidh mórán tóirtéise fágtha air agam. Má tá aon tóirtéis agat asat féin anois an t-am agat: aon mheas fir chun troda. D'imthigh smut den dtóirtéis nuair theip an t-airgead: níl an sotal céadna fé a bhíodh.

tóirtéiseach: *a.* lúthgháireach, sotalach, mórdhálach, mór-chúiseach, mórtach, taidhbhseach, blomasach. Bheadh tigh chómh tóirtéiseach aca is tá ar an mbaile dá mbudh mhian leó acht is fearr leo tigh beag gan taidhbhse: galánta, breágh, mórtach. Táir an-thóirtéiseach as do mhac is ní hiongadh dhuit sin, creideamhaint duit seadh é: meas mór agat as: mórchúiseach. Bean ró-thóirtéiseach í sin nách mór go leigfeadh sí uirthi go bhfeicfeadh sí thu: ró-mhór innte féin: cuireann sé mórán tábhachta innte féin. Is tóirtéiseach an blúirín de mhnaoi í: tóstalach: meas mío-chuibheasach aice as a fiúntas féin. Níl aon teóra lé n-a thóirtéiseach: an lán go léir: an mórtas a bhíos fé is gan é de luaidheacht ann. Budh thóirtéiseach an fear thu dá mbeinn mar mhnaoi agat: bheifeá

mórdálach asat féin: dar leat go mbeifeá céim ós chionn na coitchiantachta. Ní haon chuideachta dhom thu, táir ró-thóirtéiseach: an iomad measa is éirghe anáirde fút.

toirtín: *f.4.* ádhbhairín, téagar beag, méidín, cáca, bullóg. Toirtín bog: cáca bog éadtrom milis déanta de phlúr, de shiúicre is d'uibhibh. Toirtín rísínidhe: déanta lé rísinidhibh ann. An toirtín atá aige ní thógfainn in ao'chor é, aithis é do tharrac (thairgsint) do dhuine: an bheag-mhéid. Fair an chaora is bíodh an toirtín agat: an té (go mór-mór ógánach) a gheóbhadh uan nó laogh nuadh-bheartha gheibheadh sé cáca as, níl deireannaighe anuas uibhe. Gach maidean is é ag gluaiseacht chun bóthair bhuaileadh sé chuige toirtín lóin: arán i gcóir a aistir.

thóis: *uaill-bhreas* "Thóis, thóis amach, isteach etc.", lé buin chun a luathuighthe.

toisc: *b.2.* ₇ *3.* tuairisc, tásc, rún, intinn, cuspóir; an méid a bhíos lé déanamh i dtráth áirighthe, coisce iomchair; cúrsa, gnóth, scéal, nidh; aistear, eachtra. Toisc mise bheith láithreach agus nách geal leis me, ní labharfadh sé drundam: mar gheall air. Toisc gan é do bheith ar fóghnamh indiu níor mhaith leis tabhairt fén aistear: b'é sin an fáth. Toisc mo chinn do bheith san tsolas air ní fhéadfadh sé léigheamh: dá dhruim do bheith ann. Toisc a chroidhe níor mhaith dho mórán strusa ná líonrith do chur ar féin: as ucht na haiste a bhí air. Toisc gan bheith in am chun a ghnótha tugadh an bóthar do: de dheascaibh. Níl aon airgead agat, dá thoisc sin beir gan an earra: dá chionn san. Toisc na cainnte cáintighe adubhairt sé laistiar díom tá deireadh aige ag fagháil aon rud ar cáirde ná ar iasacht uaim-se. Toisc go raibh an iomad tóirtéise fé ní raibh meas madra ag éinne sa cheanntar air: b'é sin an chúis. Dá toisc a deineadh an marbhadh, iad do bheith in éad lé chéile 'na thaobh gur bhruigheanadar: dá druim. D'aon toisc do bhuail sé me, níor dhearmhad ná cinneamhaint é: as an gceann tsláine: bhí sé de rún aige. Cad í do thoisc chughainn anois an dacaid seo d'oidhche: fáth do thuruis: an ócáid: an rud a bheir duit teacht. Fath a thoisce chughainn níor scaoil lé neach: an cúrsa a thug é. Is ait í toisc an tsaoghail, duine bocht is duine dealbh, duine ar a thoil is duine fé dhiachair: an fáth go bhfuil gach nidh mar atá: imtheacht: cor. Imtheóchair go holc agus sin é toisc atá fút: imtheacht: fuadar. Rún daingean a thoisc in ár measc ar feadh i bhfad go bhfuairtheas amach gur spiaire é: gnóth áirighthe. B'é toisc an tSlánuightheóra an chine daonna do shaoradh: b'é sin rún a theachta. D'aon toisc chun me do chur isteach 'on phríosún go dtín dhá súil seadh tháinig na fínithe sin go léir chun dearbhtha orm: leis an rún san. Is bocht a thoisc sínte in ósbuidéal gan éinne ina dhiaidh ag baile a dhéanfadh faic do: is olc an aiste atá air. Is truagh an toisc ort é, a fhir bhoicht, ná féadfá pingin do tharrac chugat nuair is mó d'oirfeadh sí dhuit: is bocht an clódh é. Ná bíodh fios do thoisce ná do thuruis ag neach beo: an rud atá ghod bhreith ar aistear ná cá ngeobhair. Sin cúnntas anois agaibh ar thoscaibh an lae: imtheachta. Ar aon toisc eile ní chuirfinn cor díom chun dul leat, ach go bhfuil gach éinne id choinnibh: aon chúnntas eile.

toit: *b.2.* gal, deatach, smúit, siobóg. Bain toit as an bpíp: seach aiste. Imtheóchaidh so ina thoit, ní gábhadh an suathadh aigne go léir: ina ghal: ní fhanfaidh aon tábhacht ann. Níl toit agam tar éis an méid go léir: luid: faic. Tógadh sa toit é: i dtigh deataigh.

toiteach: *a.* deatamhail, sughach. Tigh beag gránda toiteach go mbeifeá dhá thachtadh ann: lán de dheatach. Adharta toiteach: lán de shughadh.

tóiteán: (**toiteán**) *f.1.* teineadh mhór, teas. Congaibh an tóiteán air go bhfaghair an nidh atá uait: bí ghá ghriogadh, chiapadh, an ionga dhearg. Níor mheasa don gceanntar Murcadh an Toiteáin do ghabháil an treó ná é: é siúd a chuireadh gach aon rud trí theine: fágfaidh sé cimiar ar gach éinne. Ní bheidh aon fhuacht ar a geidirne gen dtóiteán teineadh sin: bladhmsach mhór. Is diail an dúil atá aca ann, bíonn toiteán tobac ar siubhal aca: an oiread deataigh ag éirghe uatha is bheadh as theine mhór ghroidhe.

toitín: *f.4.* blúire beag feóla rósta ar an spré, beagáinín de shnaois tighe; cuairsce beag de thobac mhín casta i bpáipéar. Pacaod toitínidhe: is mílse toitín na cológ: blúire de chaoire nó de mhuic 'ná stéig de mhart. Cuir pins den dtoitín sin féd shróin.

tóithín: *b.4.* muc mhara bheag. Má tá tóithín ann tá iasc ann: leanaid mion-iasc. Tá sé ina thóithín lé feóil: cómh-chruinn, cothuighthe, sleamhain.

tólamh: *f.1.* fóireamh, fochair, cruinne. Dá mbeadh ar leat agat i dtólamh a chéile níor cheart duit gearán: i bhfochair a chéile. Thángadar, an dá orm i dtólamh a chéile tar éis dhá lae ag lorg a chéile: theangmháladar chun catha do chur. Nuair thagann pingnidhe ag teacht isteach i dtólamh a chéile: i gceann a chéile, gan scur.

tolamas: *f.1.* cuid mhór de nidhthibh lé n-itheadh, fleadh, toice, mór-mhaoin. Bhí tolamas maith éisc airéir aca: cuid mhaith. Molaim-se an tolamas!: an chuid mhór bhídh dómh-sa i gcómhnaidhe. Cuireadh roinnt mhaith tolamais ar bórd chúcha: éagsamhlacht lóin bídh. Ar a bhainis do bhí an radharc de tholamasaibh: teasbáinteas mór de bhiadhannaibh. Is beó fear tolamais agus is marbh fear síor-ghorta: an té go mbíonn a dhóthain aige, ní baoghal do i gcómhnaird lé fear an ghannchair. D'fhág sé an tolamas (airgid) ina dhiaidh: mór-chuid.

tomadh: *f.* (*-mtha*) do sháthadh nó do chur fé uisce, do mhúchadh, dul fé loch, méar, arán etc. do sháthadh in anbhruithe, etc. Dá mbeadh a cheann dhá thomadh, dhéanfadh sé árd-mhaith dho: dhá chur dá aindeóin fén uisce go bhfliuchtaí ó thalamh é. Fuaireamair tomadh maith ag teacht treasna ón oileán: bhuail mórán sáile orainn. Ná bí ag tomadh do mhéire sa bhainne, saileóchair é: ghá cur síos ann is ghá tarrac as. Nách mór an mac mallachtain atá air ná féadfadh sé gan bheith ag tomadh a mhéire ins gach aon rud: ag cur a chinn ann: baint nó teangmháil do bheith aige leis. Níor dheineas ach me féin do thomadh: dul (léimeadh etc.) 'on uisce is teacht amach airís. Gan ges na haindeiseóiridhibh lé linn m'óige ach tomadh an phráta san bpicil shalainn: dhá sháthadh is dhá chuimilt ann mar annlann bídh. Níor dheineamair ach na líonta do thomadh, nuair b'éigean dúinn iad do tharrac lé droch-aimsir: do chur is d'fhágaint tamaillín san uisce. Dá mbeadh an mhéar thinn sin dhá tomadh in uisce te bhodharfadh sé an pian: dhá sháthadh is dhá tharrac. Tugadh tomadh den ndlighe don aindeiseóir nách feárrde é go ceann tamaill: sáthadh gur dhíol sé go daor as. Ná bí ghod thomadh féin lé n-a gcuid scéalta: ghod mheascadh féin ionta. Is maith a raghadh sé don rud salach í dá tomadh féin san uisce: dul ann is í féin do nighe. An lacha ghá tomadh féin: ag cur a cinn fé loch is ag

scaoileadh an uisce dhi siar go gleóidhte. Fuair sé árd-thomadh ón gcith sin, é fliuch go cneas: bhuail go trom é.

tomadóir: *f.3.* lachadóir, liadh chun lachta do thógaint uirthi. Túmadóiridhe seadh an gainnéad is an fiach mara: téighid fé loch ag lorg beatha. Thógainn lán tomadóra den gcruaidh as an bhfuairnéis d'fhéachaint an mbíodh sí leachta 'na ceart: liadh iarainn.

tomadóireacht: *b.3.* lachadóireacht, dul fé loch, sáthadh in uisce, i lacht, etc. Dá fhaid an lá caitheann an fiach mara ag tomadóireacht é: ag dul fé loch i ndiaidh beatha. Cad í an tomadóireacht atá ort leis an éadach san: ghá sháthadh, ghá thógaint is ghá athsháthadh in uisce. Ná bí ag tomadóireacht sa bhainne sin, saileóchair: ag sáthadh aon ruda ann.

tómhailt: *b.2. & 3.* itheadh, caitheamh. Is mór an tómhailt a deintear ar fheóil sa tír chéadna, í ag teacht isteach innte an uile lá den mbliadhain: an t-itheadh. Ní déintear aon tómhailt den saghas san éisc: ní hithtear é.

tomaim: (**tumaim**) *b.a.* sáthaim fé uisce, i lacht, teangmhálaim le rud nách gábhadh dhom. Tóg mo chómhairle is ná túm thu féin ina gcúrsaidhibh: ná sáthaidh do cheann 'na measc. Túm do phráta san tsúp: sáthaidh ann é is leig do chuid de do shughadh. Thomas mo mhéar san uachtar: sháthas síos ann í. Túmfad do cheann fé sconna mara n-éisteóchair do bhéal: sáthfad is múchfad lé huisce é. Tomadh ó thalamh me nuair treascaradh san abhainn me: fliuchadh go mór me. Túmfad do cheann síos 'on talamh, a chladhaire, má bheirim airís ort: brughfad é. Thomas mo shean-léine i sruthán ar thaobh an bhóthair is chrochas ar thor sceach í chun a tiormuighthe: thugas beagán rínseála dhi. An té a thomas é féin i gcúrsaidhibh daoine eile tairringeadh sé é féin asta: a sháthas a cheann ionta. Ná túm tú féin a thuilleadh i bhfiachaibh: ná doimhnigh: ná cuir a thuilleadh dhíobh ort féin. Túmfad an chuid eile dem shaoghal i nGaedhealaing: caithfead é léi.

tomaire: *f.4.* aon rud a thomas, lachadóir; duine a bhíos ag teangmháil le rudaidhibh gan gábhtar nó ná baineann leis. Fág as san, a thomaire, is ná sailigh thu féin. Tomaire ná féadann aire do thabhairt dá chúram féin: go dteastuigheann uaidh a ghath do chur i rudaidhibh dhaoine eile. Dá mbeadh tomaire agam a thógfadh na mealla ime sin as an mbláthaigh: liadh: tomadóir. Is maith an tomaire an fiach mara, mar sháthann sé amach fén dtonn briste.

tomaireacht: *b.3.* múchadh in uisce, i lacht, etc., teangmháil gan ghábhadh nó gan iarraidh. Ag tomaireacht lé n-a phráta sa phicil shalainn: ghá chur innte is ghá ionfairt roim itheadh. Ná bíodh aon tomaireacht ort léd chois, nách eaglach ataoi, ach í do chur síos is d'fhágaint ann: ghá múchadh ann is ghá tarrac go pras airís. Ná bíodh aon tomaireacht ort ameasc mo chuid leabhar, fan uatha is ná cuir trí chéile iad: útamáil. Connus a sheasuigheann an t-éan san ag tomaireacht i rith an lae?: ag dul fé loch is ag éirghe ar barra. Is mór liom an tomaireacht a bhíonn agat leó chun aon mhuinghine do bheith asat: síos suas.

tómhaisim: *b.a.* tógaim faid, leathad, aoirde etc., meádhaim, measaim, tógaim tuise, réidhtighim. Ní túisce leagas mo shúil air 'ná thomhaiseas é: nár mheádhas cad é an

saghas duine é. Tómhaiseadh an talamh is ní raibh ann ach deich n-acra: fuairtheas amach an méid a bhí ann dréir manna áirighthe. Tómhais ina throighthibh as so go doras é: faigh amach cad é an méid ar faid é. Scaoiltear chun a chéile iad, tómhaisidís a neart: féachaidís lé chéile céaca is treise. Tómhaisfidh t'athair an bhróg leat má bhír id bhleaigeárd: tabharfaidh lascáil duit. Dá dtómhaiseadh a máthair slat leis an dtoice ní bheadh sí chómh drochmhúinte is tá sí: dá gcuireadh sí smacht uirthi lé slait. Chonnaic sé ag goid na n-ubhall as an ubhalúird me, ní fhéadfadh sé teacht suas liom, ach thómhais sé a dhorn liom: chroith is bhagair orm é. Thómhais sé suas liom ag an gconntabhairt ag tnúthán dighe: thairring in aice is sheasaimh athchomair dom. Tómhais té agus siúicre chugham: cuir áirighthe i meádh nó i scála. Tá sé chómh géar san tímcheall cártaidhe go dtómhaisfeadh sé cad bheadh id láimh: go dtuairmeóchadh. Tómhaiseadh as an dtomaltas a chuid féin chun gach éinne: tugadh dréir tómhais nó meádhachana do gach nduine a raibh ag teacht chuige. Thómhais sí amach dhá shlait síoda chugham: chómharthuigh sí an méid sin agus ghearraidh. Thómhais an táilliúir me i gcóir culaith éadaigh: thóg mo thuise. Thómhaisis an aimsir go maith, nílir ach dhá nóimint bun os cionn: thuairmighis. Tómhais léd shúil é sin, an bhfuil sé díreach?: leag do shúil air. Is pras a thómhaiseann sé an bóthar: a thaistealann é: a chuireann de é go pras. Nách sprionnlaithe a thómhaiseann sé deoch: nách beag do chuireann sé san árus. Tómhais láthair tighe annsan duit féin: cómharthuigh nó léirigh an fhaid agus an leathad a bheidh uait. Thómhaiseas me féin indiu, táim dhá chloich déag mheádhachana: mheádhas ar scála etc. An dtómhasfá cá mhéid atá ann gan acht féachaint air?: an dtabharfá tuairim? an gcuirfeá amach?

tómhaisín: *f.4.* tómhas beag, ádhbhairín. Ná tabhair dom ach tómhaisín beathuisce, tá sé ró-gharg, ró-láidir dom: ádbhairín. Ina thómhaisín is ina thómhaisín a thuiteas duine ar meisce: ag síor-bhlaistínteacht. Féach an tómhaisín té a fuaireas, chuirfeadh sé ag gáiridhe thu nuair chuimhneófá ar an sean-shaoghal: an fíor-bheagán. Caitheann sé a thómhaisín chómh maith lé duine: baineann a bhraon as.

tómhaiste: *a.r.* meáidhte, tuairmighthe, faid is leathad tógtha. Dá mbeadh an gual san tómhaiste cuirfead geall leat ná fuil tonna ann: a thruime fachta agam dréir meádha nó scála. Budh mhithid dom a dheáibreacha do bheith tómhaiste agam dá mbeadh aon ghliocas ionam, ach bhuail sé an bob airís orm: a thuise bheith tógtha: dulta amach ina cheart ar a shlighthibh. Is minic tómhaiste ina throighthibh agam an bealach céadna: siubhalta go mion agus go minic. An beathuisce tómhaiste ina leath-phiúntaibh: an méid sin curtha i ngach árus fé leith leis féin. Tá an chathair tómhaiste go maith agam, agus is mithid dom é, is fada me ag broic léi: is eól dom anois cad é meón na ndaoine innte. Céimeanna tómhaiste an tsaighdiúra ag teacht aige: é ag siubhal chómh seólta, tráthamhail leis: gach céim aca cómhfhaid, tric. Mar atá tómhaiste agat seadh tómhaisfear chughat: dréir mar thugais uait tabharfar duit.

tómhaltach: *a.* ithteach, caithteach, cíocrach. Is tómhaltach an dream i dtigh sibh, ní fada sheasóchadh muc libh: d'íosfadh sibh cuid mhór. Ná bí chómh tómhaltach san, fág ádhbhar ag duine eile: cíocrach chun ithte.

tomhaltas: *f.1.* biadh, lón. Thugas tomhaltas mí de phlúr liom d'fhonn is ná beinn ag imtheacht sa lorg airís: lón: dóthain: tómas.

tomhaltóir: *f.3.* ithteóir, caithteóir, craosaire. Ní choimeádfadh mainistir biadh don dtomhaltóir: duine cíocrach, mór-ghoileach.

tómas: *f.1.* dóthain, feighil, cóir, lón. Sin é tómas na seachtmhaine anois: sin a bhfuil lé fagháil agam. Leath-únsa té tómas gach caonaidhe in aghaidh na seachtmhaine atá socair ag an riaghaltas: cion in éadan gach duine. An mbuailfidh siad ubh i dtómas gach duine?: an sroichfid ceann an duine? Cuireadh an tómas arán so fád thómas féin: id chóir. Cad choimeádais id thómas féin: fád chóir féin gan baint ag neach eile leis. Dhá cheist i dtómas gach duine agus chúig marcanna i dtómas gach ceiste: i gcóir an duine agus an méid sin marc ceapuighthe lé fagháil ag gach ceann do freagrófaí. An im thómas-sa an méid sin ar fad?: an dom-sa féin é?

tómhas: *f.1.* meádhachtaint, ag tógaint tuise, achair, do mheas, tástáil, do shiubhal i dtruslógaibh cómhfhaid, caighdeán, teóra aimsire, truime etc.; meádh nó scála; tuairmiughadh. Ag tómhas an tighe: ag fáil a fhaid, a leithead, a aoirde, a thoirte. Chaith sé an oidhche ag tómhas an tighe gan suidhe: ag siubhal síos suas, foirm i gcóras ceóil: dubhcheist. An ag tómhas an bhóthair ataoi ná féadfá siubhal níos tapamhla: ag cómhaireamh cad é an méid troigh nó céim atá ann. Táid ag tómhas a nirt go dian lé chéile: dhá fhéachaint lé chéile céaca is treise. Ní fhéadfadh sé puinn do dhéanamh liom toisc ná féadfadh teacht suas liom ach a dhorn do thómhas liom: é chrothadh is do bhagairt orm. Táim ag féachaint 'sag faire air is ghá thómhas: ag meas cad é an saghas duine atá ann. Ag tómhas an fhéir, na feóla etc.: ghá fhagháil amach lé meádh cad é an truime. Bhíos ag feitheamh 'sag feitheamh leis, á thómhas gach uair liom cathain thiocfadh sé: coinne agam leis is imshníomh nuair ná tagadh. Cuir a thuilleadh chuige, ná bíodh peaca an tómhais ort: ná déin éagcóir trí gan a cheart do thabhairt do. Pé duine a líon é seo ní raibh peaca an tómhais air, Dia dá bheannachadh: níor chionntuigh sé trí gan a cheart do chur ann. Má bhí sé sprionnlaithe liom thugas slat dá thómhas féin do: do bhíos sprionnlaithe leis. Níl annsan ach crann-tómhas, tá a fhios agat ná fuilir deimhnightheach de: tuairim. Is fada atá cómhrac na cathrach i meádh an tómhais: i dhá gceann na meádha: gan a bheith ar aon taobh. An bhfuil tómhas an bháid agat?: a faid, a leithead etc. Ní féidir an fharraige do thómhas ann tá sí chómh doimhin: a fhagháil amach cad é an méid feadh ar aoirde í. Lón ar neamh-chomhthrom is tómhas: tabhairt an chirt dos gach éinne ghnóthóchaidh neamh do dhuine. Ag déanamh ar an gcuaille bhí do chapall ag tómhas suas leis an gcapall tosaigh: ar chóimhrian leis. Dá mbeadh do dheagh-ghníomhartha is do chortha sa tómhas bheadh thiar ort: curtha i gcoinnibh a chéile. Fágaim fé Dhia tómhas mo phianta: an rud atá tuillte agam. "Ní dhéantaí éigceart i mbreitheamhnas, i dtómhas slaite, i gcomhthrom, nó i miosúireachd" (Leibh. XIX. 35). Faid agus beifí ag tómhas chuige bheadh sé sásta: ag tabhairt do. Sin é mo thómhas anois, tá mo dhóthain agam: teóra: mo chomhthrom.

tolg: *f. & b. 1 & 3.* fóirneart, sotal, iarracht, doishriantach; rian, máchail, riasta; leabaidh, iomdha, sínteán. Sín siar ar an dtolg san duit féin, bíodh do shuaimhneas agat, táir cortha: iomdha. Budh sheascair a luighe ar tholg chlúmhach: leabaidh bhreágh. Bainfead-sa an tolg as do chroidhe-se, a chapaill, maidir lé hobair do thabhairt duit nó is díom do raghaidh: doishriantacht: mí-riaghaltacht. Nár bhuailidh fiabhras ná tolg thu: aon tsaghas

galair. Tuilg na dtrí dtáirnge: rianta. Is mór go léir an tolg atá fé anois go bhfuil ag éirghe chómh maith leis. Buaileadh lé tolg i gcoinnibh an fhalla a cheann gur deineadh císte dhe: lé mór-fhuinneamh.

tolgach: *a.* láidir, neartmhar, sotalach, tóirtéiseach. Buaileann sé chugham isteach go tolgach, budh dhóigh leat gur leis féin an ait ar fad: go dána, fuadrach. "Dath na locha is gorm na dtonn ag teacht go tolgach torannach, trom": go mall-ghluaiste, fuadrach. Is tolgach an cnapán mná í: láidir, déanta, cuma chuthaigh uirthi.

toll: *f.1.* poll, uaimh, clais, tón. Cuir i dtoll a chéile anois iad sara mbír réidh leó: cóirigh lé chéile iad. An bhfuil gach aonnidh i dtoll a chéile i gcóir do thuruis: socruighthe, réidh i bhfearas. Bhuail sé buille dhorn orm i dtoll na cluaise a chuir ag grogaireacht ar fuaid chróidh na dórnála me: ina poll. Trí ghníomh ó mhnaoi – com seang, toll reamhar agus meanma uallach: tón cúmtha, córach. Leagadh toll thar cheann me le fánaidh na páirce: tóin thar ceann. Bainistighe thuill anáirde, is fada bheimíd ón áit seo airís: ná déintear aon bhaint siar as ach a chaitheamh go mear 'sa thón do thabhairt anáirde. B'fhearra dhuit an fhiacal san do stathadh, tá toll mór isteach fén bpréimh innte: poll follamh: cuas.

toll: *a.* cuasach, pollta, balbh-ghlórach. Bhí sé ar sileadh uaidh mar bheadh arbhar i gcléibh thuill: ceann a bheadh briste is puill innte. Níor mhaith leat bheith ag éisteacht leis an gcainnt tholl atá aige: doimhin, brónach. Glór balbh an chluig thuill atá aige: briste, cnagtha. Taobh tholl bheith gan bráthair: "is maol í guala gan dearbhbráthair". As a tholl thiar é!: mo dhá ghradhain é!: go hanmhaith ar fad.

tollach: *a.* pollta. Mias thollach cad d'fhanfadh innte?: mion-phollta.

tolladh: *f.* (*-llta*) polladh. Ag tolladh tríom chneas ar nós an sceartáin: ag treabhadh roimis. Sin iad na scéalta gránda atá ghá tholladh go hae: ag goilleamhaint go géar air. An ghaoth is an fuacht ag tolladh tríom lé loime éadaigh: ag gabháil go géar tríom isteach. Tá ar an namhaid tolladh trí gach foirgneamh rómpa chun aon dul chun cinn do dhéanamh, tá an oiread san cosanta ar an gcathair: a slighe do réabadh trí gach tógáil.

tollaim: *b.a.* pollaim, gabhaim trí. Tolltar an clár daraighe lé faid na haimsire ar an bhfarraige: líonann sé de phollaibh dhoimhne. Tollann an scéal bréan san go croidhe me: goilleann sé orm. Tolltaí gach carraig aca le drithle: déintí poll caol comhchruinn doimhin tríotha. Do tholladh trim aedhib me: goineadh isteach go croidhe me. "...noch má sheasann duine air, rachas ina láimh, is thollfas í..." (2 Ríogh XVIII. 21): raghaidh tríthe.

tollaire: *f.4.* duine teann láidir, dána, balcaire; aon rud a phollas. Tollaire mná: bean bheódhach, anamamhail. Is beag beann ag an dtollaire seo ar a ndéarfair léi: bonnsaire: bean láidir lúthmhar a thabharfadh gach re seadh dhuit. "Lóistigh... mórdhaigh... connsaigh... bonnsaigh... is tollairidhe 'en tsórt san": mná dána, gríosacha.

tollta: *a.r.* pollta. Chómh coimeádtach leis an gcréithir thollta: lán de phollaibh: gan aon choimeád in ao'chor innte: silteach, caithteach.

tolltach: *a.* polltach, gontach, géar. “Annso ló sin smachtóchaidh an Tighearna lé n-a chloidheamh géar, agus mór, agus láidir, Lebhiathan an nathair nimhe tholltach etc.” (Isaiah XXVII. 1): gontach. Gaoth tholltach i mullach an chnuic a ghearrfadh go cnámh thú: géar-nimhneach. Pianta tolltacha dathacha trí bhais mo shlinneán: dóighte, dochraideacha.

tomóg: *b.2.* tor, stuaic. Suidhte ar thomóig fhraoich ar éadan an chnuic ag dearcadh uaim ar an ndúthaigh fém bhun síos: túrtóg bheag.

tomtha: *a.r.* sáidhte in uisce, i lacht, etc., múchta, curtha fé loch. Dá mbeadh na héadaighe seo tomtha in uisce ar feadh tamaill bheidís ag bogadh: curtha, múchta ann. Coinneal thomtha: a déintear lé buaiceas do chur i ngeir leachta. Dá mbeadh an órdóg ataithe sin tomtha in uisce mallbhog agat d’fhuarfadh an pian: sáidhte, coimeádta ann. Ní hé siúd éinne amháin atá tomtha sa choir: measctha.

tón: *f.1. & 3.* deireadh, bun, íochtar, grinneall, búndún, talamh íseal; an chuid is iartharaighe nó is sia ó dhuine. Do thón do mharc: deirtear lé duine a thuiteas ar a dheireadh ag caitheamh léime .i. as san a cómhairightear a faid .i. an té a thuiteas sin é a dhul chun cinn. Cá bhfaghainn-se airgead mara dtairringeóchainn as mo thóin é: níl aon dul in ao’chor agam ar theacht air. Buail sa tón é, is seachain sa cheann é: áit neamh-dhíoghbhálach é: bíonn breis fuilng uirthi ná bíonn ag an gceann atá níos leochailighe. Raghair ann is lasc id thón ag dul ann: teann deabhaidh ort. Moladh muilinn lé tóin ort, rud ná fuil tuillte agat: deirtear lé duine gurb é a cháineadh atá ag dul do. Tairringeann mo hata uisce as a thóin: mullach. Níor fágadh diúir sa tsoitheach, tá a thóin anáirde: follamh ar fad. Ní faic ar thóin mo chorcáin dómh-sa bheith ag cabhradh leat-sa: pioc dá bhárr. Tabhair do thón don scríb: iompuigh do dhrom is t’iarthar leis an sín. Thug an long a tón don scríb: a deireadh: d’imthigh sí go fairsing roimis an ngála. B’fhearr liom ar thóin na farraige me féin ná rud do dhéanamh i gcoinnibh mo thola: báidhte ar iarraidh choidhche. I seómra tóin an tighe chodlann sé: an ceann síos ón gcistinn. Ní fada ó thóin an mhála sinn: ná go mbeidh deireadh caithte againn. Scaoil sé a dharadha síos isteach go tóin puill: grinneall: úrlár na farraige: go bonn uisce. Ní stéig det thóin é do dhéanamh, nách mór an leisce atá ort: ní haonnidh caillte agat é. Chuaidh an long ar tón puill is a raibh ar a bórd: go tón na farraige: gur bhuail talamh. Chonnac long mhór thiar i dtóin na bádha: in iarthar: an chuid di budh shia uaim. Bheifeá ar thóin na farraige anois mara mbeadh a luaithe a rugas ort is tú ag dul fé loch: ní bheadh fagháil ort. Gheóbhair ag fás thíos i dtóin an ghuirt é: san áit is sia uait (go mór-mhór má bhíonn fánaidh leis). Logall súl méith is poll tóna gioblach is méine leo: is fearr leó go haonnidh do chur ’on bholg is gan luid éadaigh do bheith ortha. Óir ná fuil sé de chéill aige teacht isteach ón ndroichshín tugadh sé a thón di: fuilngeadh sé fúithi. Leagadh ar phlaic a thóna sa lathaigh é: anuas cruinn díreach ar a iarthar. Féach tón ré gríosaigh: duine gur gnáth-bhéas leis bheith cois na teineadh. Níor fhág sé thíos ná thuas ar an bhfear mbocht é, ó n-a thóin go dtí n-a cheann: chas sé gach aonnidh leis a fhéadfadh sé. Dhein na franncaigh lóchán den stáca ó n-a thóin go dtí n-a cheann: ghabhadar trí gach pioc de. Sin é an scéal ar fad anois agat ó n-a thóin go dtí n-a cheann: ó thosach deireadh. Níl sé ar mo chumas tón ná ceann do chur ar an scéal so: aon bhrigh d’fhagháil leis. Cuir an mála ar a thón: a

íochtar (an chuid is sia ón mbéal): bonn. Thuit sé ar a thóin ar fad lé déidheannaighe: níor dhein sé aon dul chun cinn. Thuit an chruinneacht ar a tón ag an dtiormach: mheath sí. Ná bí ag tuiteam ar do thóin, luathuigh: ná bí ag cnúbháil: ag fanacht chun deiridh. Is furaiste breith ar thóin anois air thar éis an lae: tá sé tugtha, traochta. Níl puinn aige, geallaim dhuit gur furaiste breith ar thóin air: gan cumas. Seachain thu féin ar eagla go mbéarfadh sé ar thóin ort: lé duine a bhíos faitchíosach gan chall leis. Suidh ar do thóin annso: gan suidheachán; ach suidh ar do thóin ar an stól, etc.: bíodh san mar shuidheachán agat. Áir ort ar thóin capaill anáirde: mallacht mar mhagadh í seo, a deirtear nuair cuirtear míchéadfadh orainn. "Áir ort, etc.", cad thug amach an dacaid (taca) seo d'oidhche thu it aonar: nách thú an mío-ádh etc. Dá mbeadh an t-arbhar ar a thón fén oidhche againn: curtha ina stiocaidhibh. Tairring as do thóin é (airgead, biadh, etc.), go míbhéasach an chainnt seo i bhfreagra ar lorg éigin. Tairringeadh sé thiar as a thóin anois é: deineadh sé a bheatha dho féin. Bíodh sé idir cheann tón agat, ní bhead ag teacht treasna ort: an scéal ar fad ar an gcuma is áil leat. Níor fágadh ceann ná tón air: laiteadh ar fad é. Tógadh mo thón os mo chionn ar an lic oighir: leagadh taobh síos suas me. Bhí beart mhaith annsan aige, ach níor thug sé aire dho féin is tógadh a cheann os a thóin: deineadh raic de: cuireadh aiste é. Ag tuiteam ar a thóin atá sé gach aon lá riamh: ag cnúbháil: ag meath. Ná cuireadh sé aon mhairg ort, tá sé ag caitheamh a thóna: gach aon léim san aer aige: ag imtheacht lé teasbach. Bí ag cuimilt do thóna den dtalamh anois, tá do chao imthighthe: suidh is bain an tochas díot féin. "Cá bhfuil t'inghean?" – "tá sí ag tógaint a tóna annsan amach di féin": ag imtheacht pé áit is maith léithe féin é. Bí ag tochas do thóna anois: ghá scríobadh, ghá chuimilt chun do mhairge d'fhaoiseamh, óir ná féadfá faic eile do dhéanamh. Is mór an tochas tóna dho teacht follamh, is ná tháinig neach eile dealbh: crádh. Tugaim fé ndeara do bhean ag tuiteam chun tóna: tón mór ag teacht uirthi. Cad tá ar an dtóin sin thiar? nách dorcha atá sé ann: bróin mhór scamall. An ag druideam i ndiaidh do thóna ataoi uaidh?: ag cúladh?: an eagla atá ag teacht ort roimis? I ndiaidh do thóna tamaillín beag, is beir i gceart: cúl siar beagán. Ránguigh an iomad armála agus fear ag an namhaid dúinn is chuir sí i ndiaidh ár dtóna sinn: thiomáin ar gcúl. An lá is fearr dá raibh sé chuimleóchainn dem thóin é: le neart dhéanfainn pé rud budh mhaith liom leis. Ar thóin na gualann a longuigheann na caoire agam: bun cruinn cnuic. An claidhe ag tuiteam ar a thóin: ag scéidheachtaint. Ní chuirfead mo cheann eatartha in ao'chor tairringidís as tóin a chéile: réidhtighidís féin eatartha é mar is áil leo. Sin scéal atá curtha as tóin a chéile go maith: curtha lé chéile: leagan is leanamhaint mhaith air. An ag éirghe thiar as a thóin a bheifeá? má seadh, anois an t-am agat: ag déanamh tacaidheachta leis. Dá gcuireadh sé a thón ar an dteine, ní éireóchadh leis é do dhéanamh: pé duadh nó mairg a chuirfidh sé air féin chun a dhéanta. Ná tagadh éinne eatartha san, síol tóin a chéile iad: an mianach céadna: gaolta: den dtreibh chéadna. Thuit an tóin as an lá um thráthnóna siar: chrom sé ar bháistigh: d'athruigh sé ar olcas. Thuit an tón as an luing: bhris sí as a híochtar. Tón na muice méithe do ghréisciughadh: ag tabhairt airgid don duine saidhbhir. Deineadh fé thóin é do dhíol: i nganfhios. Scríobadh fé thóin orm chun na hoifige: gearánadh lé hintinn mo dhíoghbhála. Ná déin aonnidh fé thóin orm toisc go bhfuilim chómh díreach macánta leat: i nganfhios dom. Chuir an cúilín sin féd thóin: suidh air. Ní chloisfeá éinne ag trácht anois air, tá an scéal caithte fé thóin cártaidhe: éirighthe as ar fad. Cuir an dá cheann san fé thóin cártaidhe: thíos fé bhun an méid díobh ná fuil in imirt. Mar sin atá sé riamh ag déanamh gach aon rud fé thóin is fé thalamh: go rúnda, cluthair. Óladh go tón an soitheach: níor fágadh braon ann. D'ól sé an

phíp go tón: níor fhág sé an tsálóg féin innte. Thuiteadar go léir i dtóin a chéile, ní fheadraís cad budh cheart do dhéanamh leó: i ngabhal a chéile: lán d'achrann. Budh dhóigh leat gur b'é brobh i dtóin agam é an clódhchas atá ann: duine go mbeadh solas nó trilseán ar lasadh thiar ann, is dá bharr san tábhachtach. "Féachaidh brobh i dtóin!" le duine go mbíonn clódhchas nó tóirtéis ann. Dar lé gach máthair gur as thóin a hinghine féin a éirigheas an ghrian [cuirtear b. i dt. i gcompráid leis seo]. "Cuireadh sé ina thóin anois é", lé rud go mbeifí ghá thafant tar éis a dhiúltuighthe roime sin, nó lé rud ná beadh aon ghnóth toisc faillighe do dhéanamh ar áis do bhaint as. Táim gan tóin gan ceann anois, agus is ró-mhaith atá a fhios agam, fóir orm: táim curtha trí chéile: dall amach ag rud éigin. Tón ar fad seadh é: an-throm ar a íochtar. Cé gur bhuaidh sé orm, níor fhágas puinn i dtóin a shnighte aige: ar chumas a thabhartha. Is cuma liom-sa tú do bheith ag tabhairt do thóna dhom nó gan bheith: ag tabhairt do chúil: gan ach neamhshuim agat ionam. Áit tóin lé gaoith: scéirdeamhail. Cuarduigh, féachaint an bhfaghfá aon scríobáil ar thón do phóca: thíos ina íochtar. Ná bíodh aon iontaoibh agat as, tá sé ró-fhealltamhail, d'fhágfadh sé ar do thóin thu: ar an dtráigh: chlisfeadh sé ort. D'ith sé idir cheann tóin an coinín: é go léir. Ceiridhe leighis lé tón gan tinneas: ag féachaint i ndiaidh is ag fagháil duaidh do rud ná bíonn ina ghanntar. An t-arbhar tón le gaoith: 'na bheartaibh is bun na bpunannach i siúl na gaoithe. Sin mar chaitheann sé an lá is a thón lé teine aige: ghá ghríosadh féin: díomhaoin glan cois teineadh. Tá teine le tóin an chorcáin seo: gríosach mhaith, the fé. Ní imtheóchair go mbeidh teine léd thóin: go gcuirfear deabhadh ag imtheacht ort. Níor mheasa leis an sop do lasadh ar a thón 'ná é: teine do thabhairt do. Sé an sop ar an dtóin aige é, ní fios do cad déarfadh sé chun feasa d'fhagháil: é chómh guairneánach is dá mbeadh an teine dhearg ghá dhóghadh sa bhúndún. Ní raibh ach slighe leath-tóna agam ar an gcathaoir: taobh dem gheidirne: ceathramha liom. Tógadh poll a thóna anáirde leis an ngaoith: fuaduigheadh é. "Buaidhfidh sé go bog" – "buaidhfidh, mhuis, is poll a thóna thiar!": aon dul níl aige air. Chuir an obair trí n-a thóin siar é: baineadh an iomad oibre as. Buidéal gan tón: an t-íochtar as. Tón na cathaoireach: an suidheachán. Tháinig sé i dtóin an lae thiar: ina dheireadh. Tá tóin buailte anois aige, is aindeis atá sé: ní fhéadfadh sé dul in olcas a thuilleadh. Tóin buailte ag an ndaradha: an t-iomchar thíos ar an ngrinneall. Caithfear isteach ar thóin an phríosúin éinne a thoirmiseóchaidh an dlighe ar an ndubhmhargadh: go daingean. D'fhágadar an bád ar a tóin: ar a cille. Méisín cúmtha, cámtha, a béal fúithi is a tón anáirde: san aer. Nuair fuaireadh an bád, bhí sí tón anáirde: a béal fúithi. Cad fhéadfadh an tón meidhre sin do dhéanamh?: go mbíonn tón mór, cómhchruinn air. Bain dá thóin é is cuir ar a cheann: an féar do stathadh ó bhun coca is a chur ar a mhullach chun a chríochnuighthe: ciall eile gur fearr rud d'fhágaint mar bhíonn sé nuair nách féidir breis do chur air. Shleamhnuigh dhá chois tóna an chapaill: na cosa deiridh. Ghní codladh fada tón leis: iomad codlata, luime éadaigh. Nách é tón trom é: duine neamh-éascaidh. Chuir sé ar a thóin leis an gcéad bhuille é ach níor thúisce thíos é 'ná ar bhonnaibh airís: leagadh ar a dheireadh é. Ná bí d'iarraidh dul ina thóin, dubhrais é: é do shéanadh. Bead led thóin, ná bíodh aon eagla ort: laistiar díot chun tacaidheachta do dhéanamh leat. Níl aon bhraimichín is aoirde chaitheann a thón ná an braimichín is mó marc. Arduigheadh lé n-a thóin an doras amach: ruaigeadh as an dtigh é. Chuir an dlighe bas lé n-a thóin aige: dhealbhuigh sí é. Fan mar sin is do bhas ar do thóin agat: díomhaoin, gan bheith i ndán faic do dhéanamh: leigis an chao thart: níl faic agat go n-oibreófá leis. Ná bí thiar lém thóin-se, tabhair bealach éigin eile ort: ghom shíor-leanamhaint. Pé áit go ngaibheann sé bíonn sí thiar lé n-a thóin: ghá

leanamhaint go dlúith. Níl luid ar a thóin anois: éadach an-lom air. Is fadó thugadar a dtón dá chéile: scaradar: pé baint a bhí aca lé chéile chuireadar deireadh leis. Fuaireas an clár caithte suas i dtóin na faille: ag bun an phuirt. Tá tón is ceann air: cothuighthe, láidir. An bhfuilimíd ag dul ar tóin?: ag súncáil. Dubhairt sé ó thóin ceann airís an eachtra: gach aon fhocal di.

tónach: *a.* go dtóin, mór-bhúndúnach. Capall árd-thónach: a thaidhbhsigheas árd as a dheireadh seachas a thosach. Bean bun(a)-thónach: tón cuibheasach mór uirthi. Duadh a chroidhe air ag an mála trom-thónach a bhí thiar: go raibh meádhachtaint mhór ina íochtar. Nách trom-thónach ataoi ná héireófá nuair deirtear leat é: leisceamhail. Is mithid do beagán éigin éadaigh do cheannach do fhéin, tá sé lom-thónach a dhóthain: gan puinn ar a chneas. Nách bréan-tónach an duine é is bheith ag breimnigh mar sin: boladh uaidh: salach. Capall ró-chaol-thónach atá ann chun bheith láidir: cumhang as a dheireadh. Soitheach cruinn-thónach iarainn: tón air mar bheadh mullach ar hata. Nách í an balcaire cruinn-thónach í: beathuighthe borrtha as a deireadh. An bhfuil sé bascaithe ná aonnidh? siubhlann sé cam-thónach: bíonn cor ar thaobh de ag gluaiseacht. Oiread agus chúig nóimintidhe ní fhéadfadh sé fanacht in aon áit tá sé chómh corr-thónach san: míoshuaimhneasach. Fanaidh socair sa nadhbhóig tá sí an corr-thónach: guagach: baoth. Ní fheadar cad tá orm braithim corr-thónach indiu: mío-shuaimhneasach: rúiseach: ní fhéadaim fanacht i bhfad in aon bhall ná nílim sásta im aigne. Is fuar-thónach an duine thu ná druidfeadh siar ón dteine: fuacht do shíor sa treó san. Cuireadh an dlighe air i dtaobh bheith ag baint oibre as asal ghearbh-thónach: go raibh a dheireadh tinn. Táim garbh-thónach ó bheith suidhte ar an gcathaoir seo: mo thón righinighthe. Bean mhór leathan-thónach: leathad thiar innte. Long leathan-thónach: go mbíonn fairsinge innte síos tímcheall a cille. Ní chorróchadh sé sin dá mbeadh a thigh tré theine tá sé chómh leasc-thónach san: dúr, deacair do chur ina shuidhe ná chun gluaiste. Dá mbeithéa gan bheith chómh reamhar-thónach, gheóbhfá slighe ar an gcathaoir: chómh tiugh, cothuighthe as a dheireadh. Beann teann-thónach: bean go mbíonn déanamh maith as a sliastaibh uirthi. Beithideach tiugh-thónach: go maith cothuighthe siar tímcheall a cromán.

tónacáil: *b.3.* corr-thónaighe, corradghail, ionfairt, máineáil. An capall ag tónacáil leis an dtrucaill, ní thairrngeóchadh sé sochma: suaineáil sall 'sanall. Má bhír ag tónacáil ar an dtochta iompóchair an bád tá sí ró-chorr-thónach: ag ionfairt. Cad n-a thaobh duit ag tónacáil uainne, ná taithnighímíd leat?: ag druideam uainn i ndiaidh a chéile. Cad tá ag tónacáil tímcheall na háite seo uait?: ag seiléig, ag gabháil tímcheall is gan dóigh gnótha ná cúraim dlistinigh agat ann. Tríd an dtónacáil go léir ní raibh sé sásta go bhfuair sé suidheachán ameasc na cuideachtan: ionfairt tímcheall.

tonachadh: *f.* (*-chtha*) nigheachán, nighe na marbh. Tá sé chómh maith bheith ghá thonachadh: tá a lá istigh. Fuair sé tonachadh maith, agus go deimhin féin theastuigh sé uaidh, tá an teimheal bainte dhe.

tonachaim: *b.a.* nighim corp duine mhairbh. Ní fios cá sínfear éinne againn ná cé thonachóchaidh sinn: a ullmhóchaidh lé hadhladh.

tónachán: *f.1.* lámhancán, ag gluaiseacht ar thóin ar nós leinbh gan siubhal; ionfairt, gliúmáil, máineáil. Is mór go léir an tónachán atá ort sa chathaoir sin, brisfir na cosa fúithi: an ionfairt: corradghail neamh-shochma. Óir ná féadfainn siubhail síos ar an gcarraig shleamhain chromas ar thónachán: ag gluaiseacht ar mo thóin chun mo ghreama do chongbháil. Cá mbeadh an tapamhlacht sa tónachán san, cá bhfuil cuma na líomhthachta?: duine íseal trom-thónach. An gcaithfir an tráthnóna ag tónachán leis an mbeagán oibre sin?: ag gliúmáil 'sag gíotáil gan deallramh. Faill an tónacháin: ar an mBinn Áird mar a ndéintear nigheachán.

tónachas: *f.1.* ionfairt, gliúmáil, útamáil. Cad é an tónachas atá annso ort?: cad tá agat dhá dhéanamh is cad tá ghod chongbháil ann gan é de dheallramh ort go bhfuil faic dhá dhéanamh agat. Eisean do theacht abhaile! nár chás do, thabharfadh sé an lá mar ritheann sé ag tónachas tímcheall: ag máineáil 'sag seiléig.

tonn: *a.* casta, i dtreis, cabhánach. Táim tonn san aois anois, is nílim chómh héascaidh is bhíos: dulta isteach innte. Tá a folt tonn: claiseacha is éirighthe ann ar nós tonn na farraige.

tonn: *b.2.* uain, ólaidhe, farraige, uachtar na talmhan, bogach slinn, cuid mhór, talamh íseal, streall mhór. Na tonnaidheacha agus aoirde na gcnoc ionta: uaineacha móra, bolgtha farraige. Tagann tonn ar loch leis dá ciúine í: ólaidhe: tagann mar bheadh iomaire chorr, borrtha ar uachtar an uisce. Is conntabharthach í beatha an té a bhíos ar an bhfarraige dhá bhogadh ó thonn go tonn: síos suas, síos suas. Tháinig an duine seo thar tuinn: thar lear. Bhuail pian é ó thuinn a bhathais go trácht a chos: ó mhullach a chinn. Ghluais tonn tuile anuas an abha: tuile ina shlaodaibh. Ó folcadh i dtuinn bhaistidhe é níor chuir bréag ná scéal ar éinne: ó caitheadh an tobar baistidhe air. D'fhás tonn mór fuilt ar a cheann a shroich síos thar a guailnibh: folt muirearach. Sciobaidís tonn a mbathais dá gach nduine do mharbhuighidís: an pláitín. Tá mo chuid prátaidhe ina dtuinn fiadhaile: salachar is fiadhaile ina scraith ortha. Ghaibh tonn feirge é, gur shaoileas go bpléascfadh sé: tuile buile. Shiubhlamair treasna na trágha ag bun tuinne: faobhar an uisce. Bhí an tuinn ar fad báidhte tar éis na hoidhche: uisce gabhtha lastuas den dtalamh íseal. D'fhás tonn mór prátaidhe ar an ngort úd: barra trom. Sé am do pósadh é is tonn dá aois tagtha: mórchuid. An áit 'na aon tonn bróin: brón ar gach éinne ann. Rugas sa tonn briste air sara raibh eaga ag an subh é d'árdach amach leis: in imeall an uisce. Buaileadh breóidhte ar an bhfarraige í, go raibh gach aon tonn dhá chur amach aice: streallacha as a goile. Deoch dhá ghlaodhach chómh flúirseach san go raibh sí ag teacht ina tuinn: ina slaodaibh. Tháinig an cúrsa ina thuinn orm: go hoban trom gan choinne leis. Níl a leithéid eile, agus is mór an focal é, fá thuinn talmhan: ar uachtar tirim an domhain eile. Tonn ar thonn bhí na heitealláin ag teacht ag ionsaidhe na cathrach: ina scataidhibh iomadamhla, troma. Níor fágadh bád beó ar tuinn an oidhche dhiamhair úd: ar muir. "Acht iarradh sé maille ré creideamh gan bheith amhrasach ar éanchor, óir an té ar a mbí amhras is cosamhail é ré tuinn farraige ghluaisdear ris an ngaoith, agus bhíos dá thiomáin anonn 'sanall" (Séamas I. 6). B'fhearr liom mo cheann do chur fé thuinn 'ná é rádh: me féin do mhúchadh.

tonn-, toinn-: *i gcfbh.* cuar-, corr-, uachtar-, dian, láidir. Mhair sé lé tonn-aois do bheith aige in am is go bhfuair sé bás, cheithre fichid is coraidheacht: trom-aois. Bean tonn-aosta chun pósta: dulta isteach sa bliadhantaibh go trom. Tráigh tonn-bhán lá anaithe: an fharraige gléigeal uirthi. Gáirdín tonn-bhláth: mór-chuid díobh ann. Folt tonn-bhuidhe, budh ghleóidhte leat uirthi: buidhe dréimreach: cladhthach. Ráinigh béal an chuain toinn-bhriste i slighe is gur chonntabharthach gabháil tríd: na huaineacha ag réabadh ann. Maidean thonn(a)-cheathach ná cuirfeá do phlaosc thar doras gan bheith as an sileadh: ceathanna troma, mionca. Tar éis na cathrach do thógaint dhein lucht a gabhála tonn-chreach uirthi: scriosadar ar fad í. De dheascaibh na treascairte do baineadh asam ar chúl mo chinn bhí an inchinn ar tonn-chrith ionam: dhá suathadh is dhá ionfairt go mór. Scuab tonn-ghaoth de dhruim an oileáin a raibh den seól ar an mbád di: fíochmhar. Chuirfeadh a tonn-ghlaine iongtas ort: gléine is glaine a chneasa. Táir tonn(a)-bhuidhe ón ngréin: buidhe-dhonn. Fadó is beag parróiste ná go dtonn-leasuightí seithidhe ann: ná go leasuightí chun leathair é. Is áidhbhéil é na sluaighte tonn-láidre seo ag léasadh a chéile dé ló gus d'oidhche: léidmheacha, ró-neartmhara. An talamh tonn-mhúchta thar éis na dílean: uisce gabhtha lastuas de gan pioc lé feicsint de. An fharraige ghránda ag tonn-luascadh im thímcheall: ag borradh is ag bolgadh go fiadhain, uathbhásach. An-lag ar fad atá sé indiu, marbh ag tonn-taoscadh lé dhá lá: úirlicidhe follamha air: d'iarraidh cur amach is gan é aige lé cur amach.

tonna: (**tona**) *f.4.* meádhachtaint fiche céad. Tá na tonnaidhe sa chúil sin: tá cuid mhór innte. Bhraitheas tonna meádhachtainte i ngach géig liom: bhraitheas go strampálta, neamh-éascaidh.

tonnadh: *f.* (*-nnta*) ag bolgadh, borradh, búisceáil, creathadh. An fharraige ag tonnadh leis an ngála: ag borradh is ag rith go hárd. An cnoc an-fhliuch an aimsir seo, níl aon áit go mbuailfeá do chos fút na go mbíonn uisce ag tonnadh aníos ann: ag éirghe: ag fliuchadh: ag briseadh. Ní lán-mhaith an cómhartha air bheith ag tonnadh fola: ag úirleacan. Cad chuir an tonnadh gaoithe seo ort?: búisceáil, brúchtghail: gaoth ag briseadh aníos.

tonnaim: *b. n-a.* borraim, ataim, bolgaim, búisceálaim, úirleacaim, brúchtuighim. Nuair ólann sé an iomad leanna duibhe ní réidhtigheann sé leis agus tonnann sé: cuireann amach é. Tonnann an loch nuair bhíonn gaoth ann: éirigheann sí. Tháinig casadh im aigne is thonnas a raibh im ghoile: chuireas amach.

tonntach: *a.* uaineach, garbh. Tagann an fharraige ró-thonntach ann chun aon tsuaimhnis do thabhairt i mbád duit: tonn ar thonn.

tonóg: *b.2.* duine gearr, íseal, cómhchruinn. Cá mbeadh an lúth ná an léim ionat-sa, a thonóg! gur mó ar do leithead ná ar t'aoirde thu. Tonóg bheag mhná a phós sé: íseal, cruinn: déanamh an bhuin chrainn uirthi.

top: *f.1.* foiscealach, dlúimh bhog, chaonach; tóirse, solas. Beidh top teineadh ag an mhóin dhuibh seo gan mhoill: bladhm lasrach. Dhein sé top dá chasóg is bhuail sé n-a oscail í: cas ar a chéile ina beart í.

tor: (**toradh**) *f.1.* áird, suim, meas, cúram, beann. Aon tor ní bheadh agat ar an aimsir dá dhonacht í leis an gcasóig thruim, chluthair sin: beann: ní ghoillfeadh sí in ao'chor ort. Ghlaodhas air ach níor thug sé aon tor orm: níor fhreagair me. "An éireóchaidh leis, an dóigh leat?" – "aon tor níl aige air": éireóchaidh go bog. Ná déanfá mar adeirim leat, nó an bhfuil aon tor agat orm?: an dtugair aon áird orm? Sé tor atá aige sin ort an tor atá ag madra ar a athair: ós rud é ná feadair an madra cad é an t-athair a bhí aige is cuma leis i dtaobh aonnidh. Tor athar ná máthar ní raibh aige, is d'árduigh a sheólta: ní ghéillfeadh dá mhuinntir is d'imthigh leis. "Seachain thu féin air, tá sé ar do thí" – "tá tor agam air": aon eagla níl orm roimis. Aon tor níl ag an gcapall cuthaigh úd ar aon ualach do cuirfí air: aon bheann ar é d'iomchar. Bíonn tor ges gach éinne ar an saoghal: caitheann duine géilleadh dho. Tá a dhóthain aige níl aon tor aige ar éinne: tá sé neamh-spleádhach. Nuair bhíonn an iomad ag duine de rud, ní fhanann leath tuir aige air: imthigheann a shuim, a dhúil. Ní raibh tor ar Dhia ná ar dhuine aige: dheineadh sé díreach pé rud budh mhaith leis: níor ghéill sé d'aonnidh ach dá dheóintibh féin. Níor fhan aon tor aice air: d'imthigh a cion de. Bíodh tor agat orm, agus ní misde thu é: éist liom agus glac mo chómhairle. Níl aon rud is measa ná neamh-thor: is tarcuisnighe mar chúrsa é 'ná gan freagra do thabhairt, nó ceann do thógaint do dhuine. Tor madra níl agam ar do chuid gaoithe móire: meas ná áird. "An bhfuilir ag éisteacht liom?" – "táim ag tabhairt tuir ort": ag tabhairt cluaise go haireach duit. Sin é atá aca de bharr tuir do thabhairt ar dhaoinibh a bhí ar mhío-mhaithe leó: géilleadh dhóibh agus a gcómhairle do ghlacadh. Níl aon tor gem phóca ar an méid sin do thabhairt duit: ní bhraithfead uaim é. Bheadh tor ag éinne ar an lá indiu: é chómh dona san ná féadfadh duine gan suim do chur ann. Ní rabhas chun aon tuir do thabhairt air mara mbeadh gur ghoin sé ró-mhór me: aon fhreagra. Beidh tor ar do chainnt fós: géillfear di. Lá éigin beidh tor ar na scéaltaibh do scrígh sé: cuirfear suim ionta is léighfear iad. Cómh-thor atá agam air: an meas céadna againn ar a chéile. Tabhair tor ar do chuid oibre agus ná bí ag féachaint id thímcheall mar sin: tabhair t'aire dhi. Thána abhaile gan aon tor d'fhagháil dá dhéine athchuingheas ortha cáirde do thabhairt dom: sásamh. Ní bhfaghair aon tor sa chúirt: ní raghaidh an dlighe ar do thaobh. Beagán tuir atá agam ar shuainseán na ndaoine: ní chuireann bráig orm.

tor: *f.1.* ros, plannda tonn-íseal, iomadamhail is a lia géagán ag fás as; cnuasach duilleabhar mar crochtaí in allóid os chionn dorais tighe tábhairne. Tuir sceach, aitinn, etc. Nách daor é an gabáiste, réal an tor?: an crann: an cos, an ceann. Gheóbhfá tor luachra annso 'sannsúd ann: dlúimh bheag. Cuir amach ar an dtor na héadaigh sin: ar sceachaibh nó a leithéididhe lé tiormughadh. Ní dheachaidh sé fé scáth an tuir leis: dhein sé os chómhair an tsaoghail mhóir é. Beidh an lá fén dtor aca: díomhaoin. Beidh an tráthnóna fén dtor againn sa tigh tábhairne: beidh ár ndóthain mór lé n-ól againn agus subháilceas dá réir. Bhí an oidhche fén dtor ag an mbeirt ach ag suirghe: go subháilceach: bhaineadar aoibhneas as. Is deacair an girrfiadh do chur as an dtor ná bíonn: fuil do bhaint as theornap: ag lorg ruda ar an té nó ar an rud ná bíonn sé aige. Goideadh ón dtor é: éadach a bhí amuigh ag tiormughadh. Tá an top sa tor anois nó riamh, táimid fachta amach: tá ár ngnóth déanta: tá an scéal lé gaoith anois: rud éigin déanta go leanfaidh a thuilleadh a dhéanfaidh buadhairt, etc. Níl ann ach mar bheadh tor ar thaobh bóthair: rud nách fiú mórán é. Dhéanfadh sé púca de thor: déineann sé áidhbhéis is áidhbhéil de rudaidhibh suaracha.

toradh: *f.* (*-rtha*) meas(raidh), aon tabhairt crainn nó plannda a ghníos biadh don duine, mar atá gráinne, an chuid sin den bplannda go mbíonn síol ann; sliocht daoine nó ainmhidhthe; barr, sochar, cnuasach; dualgas, cúiteamh, tairbhe. Níl aon toradh puinn ar an dtalamh, tháinig an bhliadhain ró-thirim air: barraidhe: ní tháinig an tabhairt leis. Is mór an saothar atá dhá dhéanamh aige, ní fuláir nó beidh a thoradh aige: rud dá bharr: sochar. Níl aige ach toradh a dheáibreach: tá cion a bheart aige. Ní tháinig pioc de thoradh na talmhan ina bhéal lé dhá lá: aon tsaghas i bhfoirm bídh. Budh mhór é toradh tíre agus mara na dúthaighe seo, ach é do shaothrughadh mar budh ceart: an soláthar. Ní ar thoradh na talmhan do mhaireann an fiach mara: aon rud a fhásas air. Thug sé aire dho féin is dá chúram, is tá a thoradh aige: rud dá bharr: is feárrdide é. Is minic ná faigheann duine toradh a ghníomhartha: dualgas nó cúiteamh as an méid a bhíos déanta aige. Ní maith ná go cóir atá sé ag caitheamh a bheatha lé tamall, agus lá éigin gheóbhaidh sé toradh a chuid oibre: an rud atá tuillte aige. Sé toradh mo bheatha tigh na mbocht: sin a bhfuil dá barr agam dá dhéine d'oibrigheas. Is beag é toradh bó aonair: ní mór is féidir leis an té a bhíos ag braith air féin do dhéanamh. Do hinnseadh i dtoradh rúin dom é, agus mar sin níor mhaith liom an duine do luadh. Chaill an choill a toradh leis an dtiormach: an sochar a thagadh ar na crannaibh. An tigh seo is a leanann é, toradh mo ghéag féin é: is lé saothar do fuaireas é. Beidh toradh an chogaidh seo ges na daoinibh bochta mar is gnáthach leo: is iad san a dhíolfas as. Cur na bhFaoille toradh gan tuighe/ cur na Márta tuighe gan toradh/ cur an Abráin tuighe agus toradh: arbhar a bhíos i dtreis. Thána suas leis de thoradh reatha: lé feabhas mo ghluaiseachta. De thoradh incheann seadh tá a bhfuil aige: mar gheall ar an inchinn mhaith. De thoradh a bhéil bíodh an méid sin aige: toisc nár éist sé a bhéal: de dheascaibh an nidh adubhairt sé. Ní thiocfaidh an scéal chun tortha is baoghalach, tá sé ró-fhada i gcosair chró: ní thiocfaidh faic dá bharr. Gnóth gan toradh is mó bhíonn ar siubhal agam: ná tagann faic chugham as. Cad é an toradh atá fachta agat, a bhuachaillín, ar an suim sin?: áireamh críochnuighthe. Fiabhras gránda a fhágas a thoradh ar dhuine: deasca: ceasnaidhe a leanas é. Ní fuláir do gach neart a chomhthrom de thoradh do thabhairt uaidh: an méid sin deighchríche. Níl de thoradh ar do shaothar ach an t-olc: sin mar chríochnuigh sé. Imtheochaidh san as cuimhne na ndaoine de thoradh na haimsire: fuarfaidh sé lé himtheacht aimsire. De thoradh camasghala thóg sé an talamh san ortha: lé camasghail d'oibrigh sé é. De thoradh machtnaimh do rinne sé é, is ní as mhaoil an bháidh: thar éis é do shuathadh ina smaointibh. Fuair sé an chraobh de thoradh a nirt: de bharr. Níl faic de thoradh an lae againn ach an dealbhas: is beag atá againn má tá aonnidh. Beagán anois is airís ní thiocfadh chun tortha choidhche: ní raghadh i méid. "Agus i gcionn aithe thárla ann go dtug Cáin leis do thoradh na talmhan tabharthas don Tighearna" (Gen. IV. 3): biadh. Aon phioc dá thoradh nár ghabhair: aon tairbhe nár bhuailidh thu uaidh. "Adeirim libh go fírinneach nách n-íobha mé feasda de thoradh na fíneamhna go nuige an lá úd ann a n-íobha me nuadh é i rioghachd Dé" (Marc XIV. 25): an deoch a bainfí aisti. Droch-thoradh seadh é, cé leis go ndeachaidh sé?: ní maith an sliocht é. Furmhór tortha ár dtalmhan ag dul treasna chúcha: na nidhthe a thugas an úir. De thoradh Dé gach nidh dá bhfuil againn: ó chómhacht Dé. Bíonn an Riaghaltas d'iarraidh lámh-thorthaidhe do chur chun cinn: déantúisidhe.

tóraidhe: *f.4.* sladaidhe, sealgaire, géirleanamhnaidhe. Na tóraidhthe ar mo sháil is gan áit foluighthe agam: sealgairidhe: daoine atá ghom leanamhaint chun mo ghabhála. San

am úd bhíodh tóraidhthe ar na bóithribh ag faire ar na daoinibh do shlad: foghlaidhthe a choillfeadh cuid dhuine ar bholg an bhóthair rianta. Fág fén sionnach é mar thóraidhe is annamh a raghaidh follamh: sladaidhe. Is cuma cad é an champlacht a bhíodh i gceannas fé riaghaltas Shasana tóraidhthe orainne iad uile: géir-leantóiridhe. An tóraidhe maith an chú san agat? an mbeireann sí ar mhórán girrfhithe?: sealgaire. Tóraidhe maith fir é sin, má bhíonn rud lé tarrac chun an tighe as aon áit níl leisce ar dul fé n-a dhéin: sealgaire: soláthraidhe tighe. Níl tóraidhe dá dtóruigheann a thórán, gan tóraidhe ghá thoraidheacht féin: sealgaire: duine a bhíos ar an lorg: lorgaire: ciapuightheóir.

tóraidheacht: *b.3.* sealg, leanamhaint, fiadhach, tóir, lorg. Táim ar do thóraidheacht ó mhaidean ar fuaid na sráide, thíos ná thuas níor bh'fhéidir liom tú d'fhagháil: lorg: cuardach. Is fada ar thóraidheacht mná é is tá ag dul de: ar a lorg: ag cuardach féachaint cá bhfaghadh duine. Raghadh sé go hifreann féin ar thóraidheacht tobac, leis an ndúil atá aige ann: ar a lorg. Ag síor-léigheamh é ar thóraidheacht an léighinn: ar lorg: ar a chuardach: ag taighde air. Ag tóraidheacht an tsionnaigh: ag seilg: ghá fhiadhach. Níl aon tóraidheacht agam uirthi anois, d'imthigh m'éileamh di: fonn chúichi: aon chaitheamh ina diaidh. Bhriseamair ar an namhaid is chaitheamair dhá lá sa tóraidheacht uirthi: d'iarraidh teacht suas léi. Beid lucht fiadhach choidhche ghom thóraidheacht: ag déanamh géirleanamhna orm is gan faic agam.

toraim: *b.2.* ualach nó cuid mhór. Tháinig toraim chodlata air: thuit sé ina charn codlata. Thuit toraim bhróin air: bhuail an brón go diachrach é.

tórán: *f.1.* duine, ainmhidhe nó rud go mbítear ar a thóir. Agus tóir ag an dtórán i gcómhnaidhe ar thóraidhe níos mó 'ná é féin: an té, duine, etc, go mbítear ina dhiaidh, san éileamh air, ghá chonnphianadh, bíonn seisean sa bhfiadhach ar dhuine, ainmhidhe, etc. eile a bhíos ar lorg tóráin eile! Eisean an tórán ise an tóraidhe: an bhean, an cailín atá i ndiaidh an bhuachalla, an fhir. Cloisim go bhfuil Tomás ar thórán Sheáin, seadh mar sin, táim-se ar thóir an tóraidhe agus an tóráin: i ndiaidh na beirte: an fiadhaidhe is an fiadh. Táim im thórán ag an saoghal mór, ní leigtear dom de ló ná d'oidhche: gan aon tsos ó dhuine éigin do bheith sa mhullach orm.

torann: *f.1.* glór, fothrom, foghar, truist, tuairt; glórghail, geóin, clagairt, mustar. Ní chloisfeá duine ag poll do chluaise ge torann na farraige: an glór mór, láidir a bhí aice. "Agus torann na dtonn lé sleasaibh na long ag tairring go teann inár gceann gan mhoill": glór trom. An torann bróg a bhíodh ar lic an teinteáin aca ag rinnce lé pras-cheól: glór cruaidh cómhnaidhtheach: clagairt. Baineadh torann asam nuair treascradh me, chloisfeá amuigh ar an mbóthar é: tuairt. Soitheach follamh is mó torann: is é is mó ghníos glór. Dá mhéid é do thorann, ní mór é do thoirt: dá mhéid do mhustar. Torann an túirne (tuirn) budh bhinn lém chluais: foghar. Baineann an gála torann as an simné: fothrom; an ceóltóir torann as an bheidhlín, an capall as an mbóthar, an mhuir as na carraigeachaibh, mo thuiteam as an úrlár clárach: fuaim. Is mó de thorann ná de mhaith thu: níl agat ach glór. Déanfam torann ar an mbaile anocht: beidh gleódh is geóin againn.

torannach: *a.* glórach, fuamach, gleódhach. An abha thorannach chnuic, budh bhreágh an radharc í ina tuile oidhche ghealaighe: trom-ghlórach. Is torannach a thagair ar an

ndoras againn budh dhóigh leat gur fiche duine a bheadh ann: go glórach, gleódhach. Is deacair aonnidh do thuigsint ar an gcraolachán anocht, tá sé an-thorannach: glór éigin iasachta istigh ann. Má bhíonn sé torannach féin, sin a bhfuil de dhíoghbháil ann: glórach, fothromach. Ní lamhálfainn dhuit bheith chómh torannach in aon áit eile liom, ach ná tabharfainn lé rádh dhuit é im tigh féin: mustarach, glórach. Bhíodh an muileann ró-thorannach dá chluasaibh, b'éigean do a fhágaint: bhíodh an iomad glóir is fothroim ag inneallaibh.

torannaim: *b.a. & n-a.* glóruighim, déinim clagairt, fuaim, fothrom, bainim fuaim as. Torannann an túirne go binn: déineann fuaim bhinn, chómhnaidhtheach. Torann an chaid nuair buailtear lé lasca maith, fuinneamhail í: leigeann sí fuaim ghlan, chruaidh mar bheadh cnag. Thorannadh gach buille dá bhfaghainn sa chluais istigh innte: chloisfeá an glór aice. Torannann cloidhte i gcath: déinid clagairt ghlórach.

torathar: *f.1.* truth, arrachtach, amhailt, craosaire. D'íosfadh an torathar an baile dá bhfaghadh sé cead chuige: craosaire. Chaith an mhuir torathar isteach ar thráig a scannruigh daoine lé n-a méid: arrachtach: amhailt mhór dhiamhair. Rud atá ina thorathar seadh é, ní fheadraís tóin ná ceann air: ainmhidhe míochúmtha. Is iomdha torathar atá ar thóin na farraige is dócha ná feacaidh súil duine fós riamh: ainmhidhe áidhbhéil, oll-mhór.

torc: *f.1.* collach fiadhain; clais, carn. D'ionsaidh an torc é agus chuir a starranna trí n-a chliabhlach: collach fiadhain na coille. Torc allaidh (fiadha) dhá sheilg ag an bhféinn budh mhór é a dtorann trí chomar is trí ghleann. Táir id thorc ar fad! cad bhíonn agat dhá itheadh?: id mhuic le feóil is cuma chuthaigh ina theannta san ort. Tá sé in aon torc amháin: beathuighthe cruaidh fuinnte. Torc muice atá aige: muc mhór, ghroidhe, chuthaigh.

torcaid: *b.2.* máineáil. Ghluais sé roimis ar a thorcaid budh dhóigh leat ná raibh aon mhairg sa tsaoghal air: ar a chéim is ar a leath-chéim.

torcalach: *a.* deagh-chothuighthe, beathuighthe, saidhbhir; duine a bheadh mar sin. "Connus tá sé? bhíodh sé an-lom" – "sé ná fuil mar sin, sé atá ina thorcalach": go cothuighthe, láidir. Thuit mórchuid airgid air, tá sé torcalach anois: níl aon tor aige ar neach: go maith as.

torcán: *f.1.* torc óg; duine beag, cruinn, téagartha, talamhaidhe. Tá torcán déanta dhe mar leanbh: dulta i mbeathuightheacht is i gcruinne. Fág an tslighe uaim, a thorcáin!: a rud leisceamhail. Ambaiste gurb é an torcán fir é: teann, téagartha, déanta.

tórmach: *f.1.* feabhasughadh, borradh útha ag ainmhidhthibh baineanna is iad ag iomchar a n-óg, torrach; eascar; forbairt; tuar; tuaradh. Bó thórmaigh: go mbíonn sliogán útha ag teacht di roim laogh do bhreith. Tá an bhó ag tórmach: a hútha ag borradh. Tá sé ag tórmach chun báistighe: bróin nó tóin ag teacht aige: scamaill ag bailiughadh. Dá fhaid atá sé ag dul gan aonnidh dhéanamh (athrughadh olc aimsire) tá an tórmach déanta aige: an borradh bailighthe: ghá thuaradh lé tamall. I dtórmach na troda do marbhuigheadh a

dreatháir: ina haoirde. Nuair chonnaic sé ag tórmach chun cogaidh é ghread sé leis as an ndúthaigh: gach tuar cogaidh ag cruinneáilt. Ní raibh aon dearmhad orm-sa ná go raibh sé ag tórmach an uilc dom: ag cothughadh: ghá bhailiughadh. An tórmach atá déanta ag an abhainn tar éis thuile na hoidhche: an borradh: méadughadh. Is gránda an tórmach aimsire atá déanta aige, ní mór ná go bhfuil an lá chómh dorcha leis an oidhche: an bhróin throm dhiamhair atá bailighthe. Ní fhéadfadh sé foidhneamh lé tórmach an rúin: b'éigean do é do scaoileadh amach. Ní ghabhaid na leastair lána tórmach: ní féidir faic do chur in aon árus ach a lán. Tórmach éinne seacht mbliadhan an chnuic aige é: geallamhna móra agus gan puinn cóimhlíonta. Mar do rug an cnoc luch mar thórmach as na seacht mbliadhnaibh i ndiachair tórmaigh: torrach: ag iomchar óg. Tórmach mór is é theacht ina mharbhlaogh: mórán maoidhte, fuadair, is beag-thoradh do theacht as. Lé duine go mbíonn mórán ólta nó ithte aige, deirtear, "tá sé ag tórmach": borrtha, ataithe, mar bheadh ainmhidhe go mbeadh óg ar iomchar aige. Buidheach 'o Dhia tá an dúthaigh ag tórmach lé biadh: lán suas de. Beir ag tórmach leis mara stadair de: ar tí pléasctha. Ní raibh ach tórmach seachtmhaine déanta aice: é dhá theasbáint aice go raibh sí torrach dréir a hútha. Tá tórmach ar an oidhche anocht: í ag bailiughadh chun anaithe. Bhraitheas an bhruighean so ag tórmach: ag fás is ag borradh. Táir ag tórmach: tá rud éigin ar iomchar agat atá ag beirbhiughadh ar scéidheachtaint uait. Níl éinne a fhairfeadh é ná go dtabharfadh fé ndeara tórmach aigne do bheith air ar a neamhshuaimhneasaighe bhíonn sé: buaidhreamh.

tormáil: *b.3.* fuarmáil, fothrom. Chloisfeá na gunnaidhe móra i bhfad in achar is tormáil aca: fuarmáil: glór fothromach siansach, cómhnaidhtheach. An oidhche a thuit an fhaill bhí tormáil aice mar bheadh ag tóirnigh.

tormaire: *f.4.* duine mío-shásta lé n-a chuid; cnáimhseálaidhe. Dá mbeadh lán na háite ag an dtormaire bheadh doicheall air roim aonnidh bheith ag éinne: duine ná sáiseóchadh faic é, go mbíonn cumhangarach air cuid d'aon rud a bheadh ar siubhal do bheith ag neach eile. Budh mhór leis an dtormaire tú do shuidhe ar aon bhórd leis: cnáimhseálaidhe. Is ait leis an sean-thormaire éinne d'fhagháil na sean-táille ach é féin: duine doichilleach, cumhang-chroidheach. Ní bhfaghfá thoir ná thiar an tormaire nuair loirgeófá aonnidh gann lé ceannach uaidh, bíonn an oiread san cnáimhseáin air.

tormán: *f.1.* fothrom; guairneán, geóin. D'fhan tormán na ndaoine ina chluasaibh ar feadh an lae thar éis na rás: an fothrom a bhí ar fuaid na páirce. An tormán gaoithe a bhí ag teacht ón gcoill ar feadh na hoidhche níor leig néall chodlata orm: glór guairneáin. Aon lá thagann sé ar an mbaile déineann sé tormán ní mhairfeadh mara ndéanfadh: déineann fothrom: suathann sé an áit.

tormánach: *a.* fothromach, glórach, geónach. Is tormánach an duine thu do theacht isteach i dtigh: leanann gleódh is glór thu. Oidhche thormánach dob eadh í, níor stad sí ach ag séideadh de dhruim an chnuic: fothromach.

tormas: *f.1.* cnáimhseáil, mío-shástacht is doichilleacht, stoid, stalcaidheacht. Is cuma cá mhéid a thabharfá dho bheadh sé ag tormas ná fuair sé leath a dhóthain: ag cnáimhseáil. Tóg an méid sin féachaint an imtheóchadh an tormas choidhche dhíot: an mhío-shástacht

is an mhío-ghnaoi. Ná bí ag tormas ar an mbiadh, b'fhéidir nách fada uait an lá ná beadh a leathoiread agat: ag cur suas d'itheadh trí mhío-shástacht a luighead nó a oilceas. Tá tormas éigin indiu air, ní fheadar an tormas tobac é?: doicheall é do bheith ag duine eile, gan a cheart, dar leis, do bheith aige féin. Tabhair cuid an tormais i mbéal an ocrais: an rud ná geóbhfaí leis lé n-a luighead, etc. tugtar é don té ná fuil aon chol aige leis. Ní bhfuaireas ach cuid an tormais: an chuid sprionnlaithe: ná raibh croidhe ná flúirse léi. Ó rugadh me ní fheaca aon leanbh tormais ach thu: nách féidir a shásamh. Ná bí ag tormas, sin a bhféadfainn do thabhairt duit: ná bíodh aon dochma ná cnáimhseáil ort. Fuairis do cheart, níl aon chúis tormais agat: fáth chun cnáimhseála.

tormasach: *a.* cnáimhseálach, doichilleach, stailceach. Is é buachaill is neamh-thormasaighe beó é, d'íosfadh sé aon rud a gheóbhadh sé is roinnfeadh: ní bheadh sé ag cnáimhseáil ná ag déanamh doichill choidhche d'aonnidh. "Ar ghlac sé é?" – "ghlac go tormasach": ní mó 'ná a fhonn a bhí air chuige lé n-a luighead, a olcas nó locht éigin.

tormasaidhe: *f.4.* duine a bhíos ag cnáimhseáil go mbíonn doicheall air i láthair bídh nó ranna. Ná bí id thormasaidhe toisc breis bheag bheith ag duine eile ort, éist is tóg a bhfaghair: cnáimhseálaidhe: duine míoshásta, clamhsánach. Bíodh rud aige is sin é ina thormasaidhe é láithreach, ach bíodh sé ag tnúthán is bíonn sé ina lútálaidhe: bíonn doicheall air go mbeifí ag braith ar chuid de uaidh. Déineann an ghainne tormasaidhe: duine doicheallach, clamhsánach.

tormasaidhe: *f.4.* cnáimhseálaidhe; neamh-thigheasach; tuthaire. Tormasaidhe sprionnlaithe a chuirfeadh an biadh i bhfolach ort dá bhféadfadh, ar eagla go mbeadh aon chao go scarfadh sé le greim de!: duine gur bh'é an scian trís an gcroidhe aige scaramhaint lé pioc de. Ná héisteóchadh an tormasaidhe, ní theastuigheann faic leis uaim-se: tuthaire atá ag gearán ar eagla go n-imtheóchadh aonnidh uaidh.

tórmuighim: *b.a. & n-a.* méaduighim, borraim, cuirim lé, ataim, téighim i dtábhacht. Tórmóchaidh an tráthnóna, féach na scamaill dhubha, ghránda sin ag bun na spéarach: borrfaidh chun droch-aimsire. Tórmóchair as an méid bídh atá dhá itheadh agat: atfair: beir cosamhail lé hainmhidhe a bheadh ag druideam lé breith. Ina scilling is ina scilling a thórmuigheann an t-airgead chun an airicigh: a mhéaduigheann sé. Fág do chuid airgid sa bhannc is tórmóchaidh sé: raghaidh sé i mbreis. Is mór mar thórmuigh sé ó thuit airgead air ní hé an fear céadna é, ní mór go labharfadh sé lé héinne: mar éirigh sé ann féin, mar dhein duine tábhachtach de.

tórmughadh: *f.* (*-uighthe*) méadughadh, breisiughadh, borradh, dul i dtábhacht. Níl aon tórmughadh déanta aige, dá mhéid saidhbhreas aige, sé an duine íseal céadna é: níor éirigh sé i dtábhacht ann féin. Níl aon tórmughadh déanta ag an mbuin fós: níl a húth ag méadughadh – cómhartha go mbeadh sí ag druideam lé breith. Tá an oidhche ag tórmughadh, is baoghalach go mbeidh sí go holc: í ag bailiughadh chun briste aimsire. Beidh gach aonnidh ag tórmughadh chughainn feasda lé cóngamh Dé: ag dul i méid is i bhfeabhas.

tornáil: *b.3.* greadadh, bualadh rud ar a chéile is ag déanamh glóir. Cad é an tornáil atá ort leis na háraistidhibh sin? déanfair ciolaracha dhíobh: greadadh is cnagadh ar a chéile. Aon fhocal níor bh'fhéidir do chlos ón té a bhí ag cainnt ag an dtornáil a bhí ag scata buachaillidhe ar fuaid an chruinnighthe: bualadh stán etc. ar chéile.

tornáil: (**túrnáil**) *b.3.* ionfairt, casadh is athchasadh, tacáil. Thug an long tamall mór ag tornáil i mbéal an chuain i gcoinnibh gaoithe is taoide d'iarraidh caladh do dhéanamh: cúrsa sall is anall aice. Thugamair an oidhche ag tornáil os chionn na raice: ag casadh 'sag athchasadh san aer. Beir ag tornáil leis an roth sin go ndéanfair díoghbháil: ag casadh 'sag gleódhgháil léi. Cad é an diabhal tornála atá tímcheall annsan ort: casadh is gluaiseacht tímcheall: ionfairt gan sos.

tornálaim: *b.a. & n-a.* casaim is athchasaim, gluaisim is fillim. Thornáil sí an cuan isteach cé gur dheacair di toisc na gaoithe do bheith chómh cruinn ina coinnibh: thug sí geábh ar gheábh sall is anall d'iarraidh dul chun cinn. Thornálas an baile ar do lorg: ghluaiseas mar seo is mar siúd i ngach ndóigh.

turnóir: *f.3.* duine a oibrigheas deil nó a dheineas rothanna; deileadóir.

turnadóireacht: *b.3.* deileadóireacht, déanamh roth. Dhein sé an fhearsad chómh slachtmhar gur dhóigh leat gur deineadh turnadóireacht uirthi: gur hoibrigheadh i ndeil í. Bhí turnadóireacht ag an té a dhein an roth so: ceárdaidheacht.

torp: *f.1.* cnapán, fód, méadal, geóis. Seán Ó Tórpa: Seán tuathalach. Tá torp ag teacht air ag biadh: méadal: bolg mór. Cré seadh í fhanann ina torpaibh i ndiaidh an chéachda, níor mhór an bráca do chur uirthi: cnapáin. Chaith sé torp liom: cnapán cré.

torpach: *a.* cómhchruinn, fuinnte, borr-bholgach, taithigeach. Ní hiongadh dho bheith torpach teann ar a n-itheann sé: borrtha as a bholg. Má tá sé beathuighthe féin tá sé torpach: teann, taithigeach. Chómh torpach lé bó chonaigh: bó a bheadh atuighthe ar fad, ar fad.

torpachán: *f.1.* duine mór-bholgach, beathuighthe, trom. Ní fada bheidh ann siubhal, tá torpachán déanta dhe: trom, feólmhar, aindeis. Ní mór an choisidheacht a fhéadfadh torpachán mar é do dhéanamh: duine a bheadh iadhta suas lé feóil. Torpachán capaill, etc.: teann, gearra, íseal, téagartha.

torpán: *f.1.* duine tiugh, déanta; cnapán, meall. Bheadh neart i ndrom an torpáin sin, féach an déanamh atá air: duine daingean déanta, fuinnte, tiugh ar a chéile. Bhuail sí chugham isteach go tolgach, úghdarásach is torpán eachrach ar sileadh léi: beartán. Dhein torpáin den gcré leis an dtiormach: cnapáin.

torpóg: *b.2.* cailín nó bean theann, chruinn, láidir. Cad é beann na torpóige úd ar obair, ná feicir an talamhaidheacht atá innte: cailín láidir, teann, fuilngtheach. Níl fear go mbíonn bodóg aige ná go bhfaghainn torpóg a chrudhann í: bean chéile.

torrach: *a.* trom, mór-bholgach, tuilte lé sáithighthe. D'fhágas annsan iad bhíos torrach díobh féin is dá gcuid cainnte: tuirseach, dóthanach. Stadfad anois, táim torrach ó bheith ag itheadh: dóthanach, sáithighthe. Bean thorrach: a bhíos ag iomchar leinbh. D'fhág sé torrach í: chlannuigh sé í: thoirchigh í: thug clann di: rinne trom í. Tá m'inghean torrach uait: ag iomchar clainne ded chionntaibh. Torrach lé biadh: sáithighthe. An spéir ar fad torrach lé báistigh, tiocfaidh sí ina tulcaidhibh: líonta suas. An caladh torrach lé hiasc gach maidean: tuilte leis: lán de.

tórramh: *f.1.* feighil na marbh i rith na hoidhche roim an sochraid; an fhleadh a caithtear ar a leithéid d'áirneán feighle; na gannaidhe a ceannuightear ina chóir; toradh an fhóghmhair; tionnlacan. Budh dhóigh lé duine gur tigh tórraimh agaibh é, táthaoi chómh ciúin sin: ina mbeadh corpán dhá fhaire. Ar mo thórramh go raibh sibh má tá pioc agam: marbh go rabhad: táim ag innsint na fírinne dhuit. Ar do thórramh go raibh sé (tobac) maran agat atá an dúil mhairbh ann: ameasc an chóimhthionóil a bhéas 'ghot aire an oidhche bhír fé chlár (lé míchéadfadh deirtear so). Deineadh é do thórramh go galánta: cuireadh biadh, deoch, tobac, etc. i láthair na ndaoine a tháinig ag déanamh na fartha. Táthar imthighthe 'on bhaile mhór ag triall ar thórramh do: na gannaidhe is gnáthach i gcóir oidhche na feighle. Ar thórramh an diabhail go rabhair: (guidhe neamhdhíoghbhálach). Deinid saothar, tórramh agus treabhaireacht: bailiughadh i scioból. Cá mbeidh an tórramh?: lé dream a bhíos ag gluaiseacht in áit éigin: an bailiughadh chun fleidhe. Is minicidhe ar thórramh an bharaille é 'ná sa bhaile: tímcheall na háite go mbíonn an deoch ar siubhal. "Is ól gan easbhaidh go bórd na maidne ar thórramh an barraile dhiúgadh!" ameasc na cuideachtan a bhead ina bhun is ina fhaire. "Níl aon rud agam lé tabhairt duit" – "ná raibh aon rud i láthair do thórraimh": bocht, dealbh go rabhair lá do bháis. Ór id ghlacaibh, ba, capaill is síor-thórramh: foghmhar rathamhail i gcómhnaidhe. Fear tórraimh is sochraide riamh é: cóiridheach: ní dhearmhadfadh sé urraim don mharbh.

tórramhachas: *f.1.* aire, fóghmhar, tarlódh. Gheibheann an talamh tórramhachas maith, bíonn a rian air bíonn toradh ann: curadóireacht is friotháilt. Ní raibh sé mall lé n-a iothlachas ná lé n-a thórramhachas: cruinneáilt is fóghmhar.

tórruighim: *b.a.* fairim, friothálaim, fiosruighim, feighlim. Thórruigheas é ar mo chostas féin, bhí a mhuinntir ró-dhealbh: chuireas biadh, tobac, pípeanna, etc. air, is cómhra. Cuirfear 'on tsáipéal é, ní thórrófar in ao'chor é: ní déanfar aon fhaire corpáin air. Ná bíodh aon eagla ort ná go dtorróchad-sa go maith é, ná hárdóchaidh aon rud chun siubhail é: go bhfairfead go gasta é.

tórruighthe: *a.r.* fartha, feighlighthe. Tá sé tórruighthe adhlactha: fuair sé gach urraim is dleacht do chorpán. Tá na faillteacha tórruighthe go maith an aimsir seo: fartha ag súil lé raic ón bhfarraige do theacht ionta.

tórtha: *a.r.* éilighthe, loirgthe, leanta, fiadhachta. Ní raibh aon girrfhiadh san áit ná fuil tórtha as ges na madraidhibh: ruagtha chun siubhail. Tá an cailín céadna tórtha go minic, ach níor thuit lé haon fhear fós: mórán ghá héileamh. Budh cheart dóibh bheith níos

tórtha ar an nGaedhealaing má tá fonn ortha í d'fhoghluim ina ceart: níos dícheallaighe agus níos dúthrachtaighe.

tortach: *b.2.* cuid mhór. Is diail é thu is tortach thobac do bheith agat is é chómh gannchúiseach ar dhaoinibh eile: dlúthas mór. Ná bíodh aon eagla ort go bhfaghair neamhthor uaidh siúd, tá tortach cainnte aige dhuit: do leór-dhóthain.

torthach: *a.* tairbheach, saidhbhir, tabharthach, síolmhar. Níl cumas torthach ag an ndúthaigh mar ná fuil na mianaigh innte: ní féidir léi rudaidhe do dhéanamh innte. Úir thorthach atá sa cheanntar so, níl aon bharra ná fásfadh innte: tabharthach, saidhbhir. Ní raibh sí torthach, ní raibh aice ach éinne amháin clainne: síolmhar. Chidhim go bhfuil rud agat-sa thar éis do lae, tá sé curtha torthach go maith agat: an-thairbheach.

torthacht: *b.3.* saidhbhreas, tabharthacht, toirbheacht. Is beag barra ná fásfadh ar sheódh an domhain ann lé n-a thorthacht: saidhbhreas is tabhairt na húire. Chuirfeadh sé aoibhneas ort féachaint it timcheall ar an dtorthacht a bhí fé léith na súl i ngach treó, fás trom fés na barraidhibh: saidhbhreas: an meas a bhí ar an dtalamh.

torthamhail: *a.* lán de thoradh, de thabhairt, d'fhás, sliochtmhar, clannmhar. Barra torthamhail coirce: go mbíonn cuid mhór de ann. Sin é an talamh is torthamhla ar m'eólas: is fearr agus is tairbhighe thugann toradh. Níor bh'fhoghmhar torthamhail é, tháinig sé ró-fhliuch, ró-leadaránach: ní raibh saidhbhreas barraidhe ann. B'é sin an turus neamh-thorthamhail a thugas-sa go B'l'Áth Cliath, aon faic ní raibh dá bharr agam: neamhthairbheach. Is neamh-thorthamhail an bheatha, iascaireacht: is beag bhíonn dá barr ag duine. Biadh maith, torthamhail an práta: téigheann sé fada lé dul agus scabhárd ann.

torthamhlacht: *b.3.* saidhbhreas bídh, tairbhe, iomadamhlacht. Gheibhtear torthamhlacht sa phráta ná faightear in aon rud eile ar an dtaobh amuigh de chruitneacht: flúirse agus maitheas bídh. Tháinig an bhliadhain ró-thirim, ní raibh aon torthamhlacht innte: ní raibh na barraidhe ró-shaidhbhir. Ní deacair maireachtaint ar an dtalamh so lé n-a thorthamhlacht: a saidhbhreas chun barraidhe maithe do bheith air.

tortán: *f.1.* túrtóg, stuaic, árdán. Nuair coireadh é shuidh sé ar thortán fraoich, chun a scíthe do leigeant: port beag: scairt: tom. Leagadh ameasc na dtortán san doircheadas me: capóga beaga talmhan. Tortáin aitinn: toir.

tortaobh: *b.2.* braith, muinghín, iontaoibh. Is mé ag cur chun an bhóthair fhada bhíos i dtortaoibh lé haon phúnt amháin: ag braith air: sin a raibh sa tsaoghal agam. Bhain an bás mo bhean díom is mé i dtortaoibh léi: gan agam ar an muirear, líon tighe, ach í. Táim i dtortaoibh lé n-a bhfuil sa phíp anois is ní mór é, salóg bheag: sin uile a bhfuil de thobac agam. Dá mbudh me thu ní bheinn i dtortaoibh leis, gheóbhainn a mhalairt: ní raghainn ar a iontaoibh. Ní bheadh súd i dtortaoibh lé ceann do thógaint: ní fhanfadh sé ar an mbeagán nuair chuirfeadh roimis é. Raghad i dtortaoibh é d'innsint: raghad ina leith.

tortaobhach: *a.* muinghineach, dóigheamhail (as). Táir-se ró-thortaobhach, ní fheadraís cé hé leath an tsaoghail seo, scaoilis t'aigne lé haon bhod bóthair: tugair fios do rúin uait: táir ró-mhuinghineach as dhaoinibh. Bhítheas tortaobhach as go mbuaidhfeadh sé ach thuit sé ar a thóin ar fad: bhí muinghin láidir as. Tortaobhach i nDia i gcómhnaidhe: muinghineach.

tort-bhuille: *f.4.* buille dochaiseach, trom. An aimsir seo tá tort-bhuillidhe dhá thabhairt dá chéile aca ins an Rúis, na páipéir tuilte leis an sceanach ar fhearaibh is ar armáil atá déanta: stiallacha fíochmhara. É ag teacht go dásachtach gur dóigh leat ná raibh aon chosc air go bhfuair tort-bhuille a chuir i ndiaidh a chúil é: buille trom, dochraideach. Arm tort-bhuilleach istigh leó nách aon iontaoibh é: atá i ndán buillidhe troma thabhairt.

tortóg: *b.2.* (**túrtóg**) cnapóg thalmhan, cnapán fásta, etc.; duine teann, íseal. Cnoc go raibh tortóga is cradhsáin ann budh dheacair é do shiubhal: cnapóga is gearraidheacha. Bhuaileas m'ualach tharm ar thortóig: árdán beag mar bheadh éirghe fásta. Nách é an tortóg é: fear nó buachaill teann, déanta. Níl aon líomhthacht innte, tortóg mhná seadh í: íseal, teann, láidir gan éascaidheacht: cnapóg.

tortógach: (**turtógach**) *a.* cnapán, cnapógach. Páirc thortógach: lán de chnapánaibh talmhan, ná raibh mín ná réidh. Talamh tortógach: aimhréidh: árdáin ann.

torthroma: *f.4.* ualach, muirearaighe, fáscadh, teannadh. Ghlac torthroma croidhe i ndiaidh báis a mhic gurb annamh a chidhfeá ameasc daoine in ao'chor anois é: luigh brón air. Torthroma an tsaoghail is gan aon fhaoiseamh uaidh atá ghom milleadh: cruadhtan.

tóruighim: *b.a.* leanaim, éilighim, loirgim, fiadhachaim, cuarduighim. Tóróchaidh sé ó cheann na tíre pé áit go dtabharfair t'aghaidh, níor bh'fhearr dhuit ná fanacht mar a bhfuil agat: fiadhachfaidh. Tá sé bailighthe uait anois, téighir is tóruigh a bholadh!: lean ar a bholadh é: tá fuar agat. Thórmuigheas an baile dho ach b'fhuar é mo ghnóth, ní raibh pioc de lé fagháil: chuarduigheas árd is íseal do. Tóruigheadh an t-anam as an mada ruadh, ní túisce bhíodh sé i bpruais 'ná é múscaltha is na gadhair ina dhiaidh: fiadhachadh é. Tóróchaidh sé siúd bean go bhfaghaidh do féin í: cuardóchaidh i ngach ball. Thóruigh an tighearna talmhan me gur chaitheas m'fhagháltas do thréigean sa deireadh: lean sé orm chómh dian san gan sos do thabhairt dom. Thórófá go deireadh do shaoghail an saidhbhreas gan oiread is pingin de do ghreamughadh: loirgeófá: bheifeá d'iarraidh a bhailighthe. Thóruigheas a chunntas is ní bhfuaireas ach droichscéala fairír: d'fhiosruigheas ina thaobh. Thóruigheadar an míol mór bán ar fuaid na bóchna: leanadar ar a lorg. Tóruigheadh go maith fear a bhuailte ach ní bhfuairtheas i mball ná i mbeárnain: cuarduigheadh.

tóruighthe: *a.r.* cuarduighthe, fiadhachta, leanta, cluichte. Budh mhinic tóruighthe aca é, is iomdha babhta reatha bhaineadar as gan teacht suas leis: sealgtha. Má fuairis bean, bhí sí tuillte go maith agat mar is ró-mhaith a bhí sí tóruighthe agat: loirgthe: cuarduighthe.

tóruightheóir: *f.3.* fiadhaidhe, sealgaire, cuarduightheóir, lorgaire. Tóruightheóiridhe Gaedhealainge iad san: dream atá ag lorg na teangan chun a foghlumtha. Is maith an

tóruightheóir bídh é, níl aon áit go mbeadh greim de lé fagháil ná go mbeadh sé air: lorgaire. Tóruightheóir maith con í sin agat, ní thréigfeadh sí an fiadhach go raghadh di: fiadhaidhe maith, dícheallach. Tóruightheóir ban: a bhíos san éileamh ortha.

tosach: *f.1.* túis, bun, bunadh, bunadhas, máthair, fotha, an chéad chuid, an chuid cinn, ucht, brághaid, brollach, barra, rogha. Tabhair tosach don gcuid is fearr: tóg nó toigh iad roim an gcuid eile. Bíonn an chaora bacach ar tosach uair éigin: uair má seach d'éireóchadh lé duine mall bheith in am. Tugtar tosach do i ngach áit dá mbíonn sé lé meas air: tugtar rogha dho roim éinne. Fuair sé tosach dulta isteach: tugadh cead do roim éinne eile. Ag itheadh tugtar tosach d'iasc ar fheóil: ithtear roimpe é. Thabharfainn tosach don bhfear san ar neart: thoghfainn é dréir mo thuigseana. Budh cheart don Éireannach tosach do thabhairt d'earraidhibh na hÉireann: iad do thógaint, do cheannach, do chaitheamh. Tosach na breithe ag Dia, ní maith liom aonnidh do rádh, ach eadrainn sé tuairm gach éinne gurb olc an barránach é: fágaimís fé Dhia é. Bain tosach de: sáruigh é: gaibh roimis amach: bí in áit áirighthe roimis. Tosach uaisleachta bainne cíche: ó bhrollach na máthar a gheibhtear í: is as a ritheann. Tosach brothaill ceódh: is gnáth go dtagann smúit san aer roim theacht teasa. Bhuail streall fharraige ar mo thosach me is fliuchadh me go cneas: óm aghaidh anuas. Chuir sé chuige an garsún amuigh ar a thosach ar an gcapall: roimis amach. Ar feadh na hoidhche d'fhan an bád eile ar ár dtosach dá fheabhas iarracht do dheineamair ar theacht suas léi. Ó thosach an leabhair go deireadh: ón gcéad leathanach. I dtosach aimsire ní raibh ann ach doircheadas: roim aon tráth eile. I dtosach oidhche tagann sé abhaile: ar thuiteam oidhche. I dtosach báire anois ní mór dom an t-adhbhar do bhailiughadh sara gcuireadh chun na teineadh: roim gach aon rud eile. Go gcuiridh Dia i dtosach na maitheasa dhuit, tá breis is do dhóthain fachta agat: go dtugaidh Dia dhuit go n-athróchair ar fheabhas. An rabhais seachtmhain i dtosach orm ag teacht anall: seacht lá rómham. Nuair bhí sí i dtosach a clainne bhíodh sí an-olc ina luighe seóil: an chéad tráth dá saoghal go raibh clann aice. Níor cuireadh smacht air i dtosach a shaoghail is tá a rian air: nuair bhí sé óg. I dtosach sé adéarfad leat: lom láithreach. I dtosach an ghalair seadh is fusa é do leigheas: chómh luath agus bhuaileann sé duine. Ó thosach deireadh ní dubhairt sé drundam id thaobh: ar feadh a labhartha. Ó thosach an chatha go deireadh na scríbe níor bh'fhéidir é d'athrughadh, an aigne chéadna is na bearta céadna do shíor aige: ar feadh na haimsire uile. Táid ag déanamh go maith, táid ag teacht chun tosaigh ar áilneacht an domhain, is deacair locht d'fhagháil ortha: ag dul chun cinn. An chuid tosaigh a tháinig is iad is fearr do bhí as mar bhí an áit fútha féin ar feadh tamaill mhaith sara dtáinig éinne eile: an dream budh thúisce a tháinig. Chun tosaigh leat-sa, fanfad-sa laistiar díot: gluais-se rómham. Níor mhaith liom labhairt i dtosach go labharfá chugham: labhairt rómhat nó chómh luath agus bhíomair i bhfochair a chéile. Bíodh deireadh is tosach agat ag teacht 'on tigh tar éis do chúl-chainnte orainn: ná tair in aon ghiorracht do go bráth airís. "Bean dubh ar tosach an uilc/ bean bhán ar tosach na ngrást/ bean ruadh ar tosach an tsluaigh": sin mar gheóbhfaí iad. Is conntabharthach an rud ualach trom ar thosach dhuine: dhá iomchar ar bhaclainn is ar ucht. Tosach luinge clár, deireadh luinge a báthadh: clár an chéad mháille dhi do cuirtear. Tosach átha clocha, deireadh átha loscadh: leó do tógtar í. Tosach sláinte codladh, deireadh sláinte osna: caithtear é do dhéanamh d'fhonn na sláinte d'fhilleadh ar dhuine. Tosach flatha fáilte, deireadh flatha cáineadh: an fhéile is an fháilte an tréith a chómharthuigheas gur fiú an ghairm é. Ní fheaca riamh é ná go mbeadh tosach aige ar gach éinne: go mbeadh rómpa i

ngníomh nó i mbriathar. An bhfuil tosach agam?: an bhfuilim annso ar an gcéad duine. I dtosach na haicíde ná bí mall, mar ná bíonn brigh san luibh ná fachtar in am: go luath thar éis buailte dhuine í. An té a chuir tosach ar an gcómhrádh so cuireadh sé críoch air: an té a chuir ar bun é. Tosach eitigh áirleagadh: ní raghaidh an diúltadh ón lorg ar iasacht. Tosach ceatha ceódh: is gnáthach go leanann an bháisteach. Tosach féile fairsinge: ní deacair don té go mbíonn an iomadamhlacht aige cuid di do roinnt. Tosach crábhadh cosamhaile: caoineas agus leanann an crábhadh é. Tosach cuirn do mhnáibh: dréir mar is cóir friotháilt ortha roimis na fearaibh. Tosach uilc uabharbhriathar: gluaiseann díomas is faltanas as an bhfocal a ghoineas duine. Tosach críne galraighe: as an liceacht a thagann cuma chaithte, sheirgthe ar dhuine. Caithfir do mhaide thosaigh do chur amach má tá fonn ort faic do dhéanamh: do dhícheall: an maide rámha is tábhachtaidhe. Is maith é an cómhar – an té a gheóbhadh a thosach: cómhoibriughadh ach go bhfaghadh duine cabhair an fhir thall ar dtúis is gan bheith ag brath ar an gcómhardughadh do chóimhlíonadh. B'fhearr liom deireadh fleidhe, aon lá, ná tosach cómhraic: aon rud in ao'chor seachas an troid. Tosach maith measardhacht: an tráth a dheineas duine cosamhlacht bíonn cuid mhaith ann. Tosach Aoine nó deireadh Sathairn níor bhris riamh ná ní raibh ina bhathraigh: báistigh. Tosach dóire (dúire) droichleabaidh: an té ná bíonn leapachas maith oidhche aige ní bhíonn sé éascaidh chun oibre. Tosach Aoine, deireadh Sathairn nó tar éis Aifrinn Dé Domhnaigh is gnáthaighe leis an aimsir briseadh. Tosach lé casachtaigh is deireadh lé cómhrainn: ma thagann casachtach ar dhuine is baoghalach gurb í an chómhra a chríoch go luath. Tosach staile nó deireadh lárach: is annsan budh chóir an neart is an cumas do bheith. Tosach tróige tuirsighe: leanann gach aindeise an tuirse. Tosach tochaide treabhaire: in áit go mbíonn treabhadóir maith leanann toradh maith as an dtalamh é. Tosach ughra achmhusán: nuair cromtar bheith ag casadh rud lé n-a chéile ní fada ó throid iad. Tosach sochaide deagh-bhean: in áit go mbíonn sí bíonn cómhluadar nó coimhdeacht. "Is é eagla an Tighearna tosach an eólais, acht dísbeagaid na hamadáin eagna agus teagasc" (Seanráidhte I. 7): nuair bhíonn san orainn tagann tuigsint dúinn. Tosach maith leath na hoibre: an obair go gcuirtear chúiche go maith is móide gur giorra bhíonn ar siubhal. "Is mise Alpha agus Oméag, an tosach agus an deireadh, adeir an Tighearna an té atá, a bhí agus a bhias, an te atá uile-chómhachtach" (Tais. I. 8). "Gan athair gan mháthair, gan chineadh, gan tosach gan laethe ná deireadh beatha aige, achd i gcosamhlacht Mhic Dé; fanaidh sé ina shagart go síorraidhe" (Eabhraigh VII. 3). Tosach ró-íseal uirthe chun reamhar-fharraige do bhreith léi: soc an bháid etc. An té a raghadh i bhfeighil oibre i dtosach lae dhéanfadh breis: go luath ar maidin. Tosach lubhra léan: nuair thagann an brón ar dhuine leanann gach aindeise é. Beidh tosach agat air má luathuighir: beir roimis san áit go bhfuil bhur dtriall. Bain tosach de: ghaibh tharais amach. Lé tosach an lae bí ag gluaiseacht, lá gearra, riabhach atá ann: sara n-aosuigheann sé. Bíodh tosach cainnte agat-sa: labhair roim éinne eile. Tosach bídh nó deireadh bruighne dob fhearr liom: nuair cromfaí ar itheadh nó ar shíothcháin budh mhéine liom. Bhí sé i dtosach mo bhéil rud éigin do rádh ach chúbas: ar tí labhartha. Tosach an chapaill is mairc ar ag an mbrághaid: a bhrollach. "Nách uathbhásach an aicíd í seo" – "i dtosach atá sí": raghaidh sí in olcas. An lá indiu tosach agam: an chéad lá ag obair, etc. Níor bh'aon droch-bhróga iad san dá mbeadh tosaighe fútha: leath-bhuinn ó chaol na bróige amach.

tosaidhe: *f.4.* duine a tosnuigheas ar aon rud; fear cinn riain; ceannródaidhe. Is beag de thosaidhthibh Chonnartha na Gaedhilge beo anois, táid a bhfurmhór ar shlighe na fírinne: an dream a chuir ar bun í. Sibh-se tosaidhthe an achrainn seo agus díolfaidh sibh as, ní bheadh aon bhuadhairt ann mara mbeadh sibh: lucht tosnuighthe.

tosaidheacht: *b.3.* treóraidheacht, taoiseacht, rogha. Tugann a ionad tosaidheacht do: tábhacht. Ní fágfaí tosaidheacht aige mar nár bh'fhiú leó air é: ceannas.

toscar: *f.1.* lucht leanamhna, cúlaistínidhe, cuallacht, buidhean; sluagh ar imrighe; treabh. Ghluaiseadh Píobaire na Gruaige adeireadh na seandaoine is toscar mór ina fhochair: sluagh daoine is ainmhidhthe. Chuaidh sé ar thoscar éigin go B'l'Áth Cliath, ní raghadh sé ann mara mbeadh broid éigin air: toisc: turus ar chúram éigin áirighthe. Bhailigheadar lé chéile ar thoscar ólacháin: buidhean: tionól spreisialta.

tosnughadh: *f.* (*-uighthe*) (do) chur ar bun; túis; (do) chur chun, (do) thabhairt na céad iarrachta. An obair dhá thosnughadh ar maidin go moch: beifear ag gabháil dhi den gcéad iarracht. "Táir ag tosnughadh airís", lé duine a bhíos ag ath-chromadh ar rud éigin míothaithneamhach go raibh scurtha dhe ar feadh tamaill. Táir ag tosnughadh airís ar an éitheach, etc. "Tosnughadh nuadh", ars an t-iasachtach leis an iasachtaidhe .i. maithtear na seanfhiacha agus bead ag trácht airís leat. An tinneas ag tosnughadh orm airís: ag cromadh chun m'ionsaidhthe an athuair. Tosnughadh an tSathairn is fada go gcríochnuightear: an rud a fágtar chómh déidheannach sa tseachtmhain is baoghalach do rud éigin tárlachaint i rith an Domhnaigh, a chuireas ar faid slighe é. Táthar chun tosnuighthe ort anois: chun tú do cheistiúchán, d'ionsaidhe, etc. etc. An ag tosnughadh magaidh ataoi anois fúm go bhfuil an moladh mór agat: ghá chur ar bun. Tosnughadh maith leath na hoibre: an chéad chuid do bheith déanta go maith. Is é a bhíos ag tosnughadh gach aon achrainn: a spreagas gach buadhairt. "An fada go mbeidh sibh ag gluaiseacht chun bóthair?" – "ní fada go mbeam ag tosnughadh": ag cur chun aistir. Bí ag tosnughadh ort, tá gach aonnidh réidh: crom air gan mhoill. Bíonn gach aon tosnughadh lag, tabhair eaga dhom go raghad i dtaithighe na céad-iarrachtaidhe is lugha saothar. Ag tosnughadh an oireachtais: ag cur a imtheachta ar siubhal.

tosnuighim: *b.a. & n-a.* cuirim ar bun, chun a dhéanta, cromaim ar. Ná tosnuigh orm anois, adeirim leat, nó is baoghalach go mbeidh sé ina chath: ná crom ar achmhusán do thabhairt dom ná ar cruisteach do dhéanamh orm. Is minic do thosnuigh duine rud nár chríochnuigh sé: a thionnscain, a chuir roimis do dhéanamh. Thosnuigheas orm gan mhoill a thúisce is fuaireas an focal: chrom ar obair. Tosnuighimís na paidreacha: guidhimís feasta. Ní túisce a chuadhas isteach tosnuigheadh orm: cromadh ar mhagadh, bhualadh, achmhusán, etc. Sin é, tosnuigh airís: déin airís an rud san nách taithneamhach, magadh, etc. Tosnuigh leat féin: pé rud atá lé déanamh bíodh an chéad chuid agat-sa dhe. Thosnuigh sé leo: chrom sé ortha ina gceann is ina gceann. Tusa thosnuigh é: budh bhun leis. Is fada go dtosnóchair aon nidh cóir: go gcuirfir ar bun: go gcuirfir rómhat.

tosnuighthe: *a.r.* curtha chun, roim, cromtha ar. "Táir tosnuighthe airís" le duine ná taithnigheann linn nuair chromann sé athuair ar rud. Tá sé tosnuighthe airís: ag cur bháistighe, shneachtaidh, sheaca, etc. Tá na cnámha tosnuighthe airís orm: ag gabháil

díom an ath-uair. Tá tosnuighthe ar Ghaedhealaing agam: cromtha ar í d'fhoghluim. Níl an obair tosnuighthe: curtha ar siubhal.

tosnuightheóir: *f.3.* duine a bhunuigheas rud. Tosnuightheóiridhe Gaedhealainge: daoine a bhíos ag cromadh ar í d'fhoghluim. Tá cuma an tosnuightheóra ort ar an slighe láimhseálair t'arm: duine a bhíos ag cur chuige den gcéad uair.

tost: *f.3.* ciúnas, neamhchorruighe. Tost annsan!: éistightear: ná bíodh gleódh ná corruighe ann. An ghaoth ina tost iarr andeas í: lé linn di bheith gan gaoth andeas is gnáthaighe léi teacht. Cuireann an chainnt sin im thost me: caithim éisteacht aice: ní fhéadfainn freagra do thabhairt uirthi. Is binn é béal ina thost: ní féidir leis dearmhad do dhéanamh. "Ná feic gach nidh chidhtear duit/ beag díoghbháil do-ghní tost/ éist lé cómhrádh daoine nglic/ tuig, is leig mórán thort": an béal ciúin. Bí id thost!: éist!: ná labhair. Thuit sé ina thost ar fad anocht: níor fhan smiog chainnte aige. Is tost is aontadh: an té ná freagrann géilleann sé. Bhris ar an dtost sa dheireadh aige: chrom sé ar labhairt. Tost mhidhe mairbh na hoidhche: an ciúnas trom a bhíos ann. Bhíodar ag éisteacht i dtost lé gach focal dár labhair sé: go haireach gan gleódh.

tostach: *a.* ciúin, balbh. Bíonn sé chómh tostach lé luich nuair bhíonn a mháighistir láithreach: ní bhíonn gíog as. Ní mór an chainnt a thugann sé d'éinne, duine tostach seadh é: cúthail.

tostaim: *b.a. & n-a.* ciúnuighim, éistighim, scuirim, sosaim. Do thost a raibh láithreach nuair cnagadh an doras agus d'fhéachadar ar a chéile lé hiongadh éinne do bheith ann an dacaid sin: d'éistigheadar. B'ait liom gur thost an ceól go hobann is an réim go léir a bhí fé: do stad. Ní thostfainn duit-se, ná d'fhear is fearr ná thu: ní éisteóchainn. Tostadh sinn lé racht eagla: cuireadh inár n-éisteacht.

tóstal: *f.1.* mórdháil, mórtas, mustar, árdréim. Beidh tóstal ortha an lá a bheidh an buaidh aca: mórdháil, meas mar gheall ar a mbeart. Go deimhin ní mór an tóstal is gábhadh dhuit do bheith ort, níl aon mhaithghníomhartha déanta agat ach an oiread lé duine eile: lán is tóirtéis. Is í an bhean gan tóstal í, cé léigheanta, áluinn: ná fuil imtheacht an éirghe anáirde fúithi. Cuireann sé tóstal ar mo shean-chroidhe an óige bheith chómh beódha, anamamhail, Gaedhealach: mórtas: aoibhneas.

tóstalach: *a.* mustarach, mordhálach, mórtach. Táir mós tóstalach dos na daoinibh anois ó fuairis an saidhbhreas san ar fad: an iomad láin fút chun aon bhaint do bheith agat linn. Bean ró-thóstalach seadh í, ní stadann sí ach ag tagairt dá cuid éadaigh is dos na bodachaibh atá ar a haitheantas: ró-mhór innte féin: meas fúithi nách gábhadh dhi. Ghluais Muire agus Seósaimh go neamh-thóstalach lé n-a n-ainmhidhe asail: gan éirghe anáirde ná fuadar. Daoine tóstalacha ná beadh aon bhaint aca lé suarachas: tóirtéiseach de cheart.

tostuighim: *b.a. & n-a.* ciúnuighim, éistim, sosaim, stadaim, cuirim in éisteacht, bréagnuighim. Tostuigheadh é, mar bhí an t-éitheach aige: bréagnuigheadh. Dá mbeifeá ag áiteamh choidhche sa cheart air ní thostóchadh sé: ní éisteóchadh: leanfadh sé ar

argóint. Ar an bhfuadar atá fé ní thostóchaidh sé go hoidhche: ní stadfaidh. Bhí sé tamall mór ag léigheamh sarar thostuigh sé, bhíomair bodhar aige: sar ar éist sé a bhéal.

tostuighthe: *a.r.* stadta, curtha in éisteacht, sosta, ciúnuighthe. Tá an leanbh tostuighthe ag an mbréagán: curtha in éisteacht ó bheith ag gol nó ag lorg. Níl mo namhada tostuighthe fós agam, táid ag cúlchainnt: ciúnuighthe. Bheadh a gcuid cnáimhseáin tostuighthe ag an ndéirc: curtha a chodladh.

toth-: *i gcfbh.* baineann, baineannach. Thabharfadh sé aon rud do dhuine a bheadh i ngábhtar is é do bheith ar a chumas duine chómh toth-chroidheach is bhuailfeadh leat i siubhal lae: so-chroidhe: cineálta.

totarnacht: *b.3.* tut-bhailbheacht, barra-thuisleacht. Ná bíodh aon totarnacht ort ach labhair amach, ní mór go dtuigfeadh duine siolla as do bhéal: labhairt is snag ina ghlór. Aon fhocal den dtotarnacht chainnte atá ar siubhal aige ní thuigim: doiléir, briste. De dheascaibh a raibh ólta aige bhí sé lán de thotarnacht, ní tuigfí an céadamhadh focal uaidh: stad is cosc. Cuir uaim an totarnacht, ach má táir chun ruda d'ól linn abair é: bailbheacht is moille labhartha.

tot-bhalbh: *a.* glór-shnagach. Nár mhór an truagh í bheith tot-bhalbh mar thá sí - dhá fhocal as a chéile níl sí ábalta ar a chur aisti. Go tot-bhalbh a fhreagair sé me: go neamhfhonnmhar, neamh-éascaidh. Ná bí tot-bhalbh leis, ní bhfaghair faic de bheith scáinteach: mall, neamh-shoiléir chun labhartha. Cé thuigfeadh an rud tot-bhalbh? Bhí sé tot-bhalbh ó bheith ag ól: bhí a chainnt ag dul de.

tot-bhalbhaidheacht: *b.3.* snag-ghlór, stad labhartha. Nuair bhíonn braon fén bhfiacail aige bíonn tot-bhalbhaidheacht ann ná tuigfeadh do dhícheall é: moille, stad is doiléire úrlabhra. Tháinig tot-bhalbhaidheacht ann lé neart feirge, ní mór go bhféadfadh sé faic do rádh: cosc is greim cainnte.

trácht: *b.3.* tagairt, labhairt ar, luadh; gluaiseacht, taisteal, dul, triall; bonn na coise; faid, cúrsa; éileamh, glaodhach, cóimhcheannach, reacaireacht. Is fada riamh gur chuala aon trácht air, an amhlaidh ná maireann sé?: aon duine ag tagairt do: aon luadh ar a ainm. Bímíd i gcómhnaidhe ag trácht ort agus iongadh orainn ná tugair aon turus orainn: ag luadh t'ainme: ghod chur trí chéile. Cad air go bhfuil an leabhar san ag trácht?: go labhartar air ann. Tá airgead is maoin aige, tá go haonnidh aige, gan trácht ar an mnaoi atá aige: sin í an sealbhas is fearr atá aige. "Cad tá aige dhá rádh, inns dom?" – "rud nách fiú é trácht air": do tharrac i gcainnt. Ós ag trácht ar an gcogadh dhuit é, an fada, an dóigh leat, a sheasóchaidh sé?: ag déanamh tagairte dho. Ní dhéinir aon trácht in ao'chor ar theacht abhaile id leitir: ní thairringir chughat mar scéal in ao'chor é: ní luadhair é. Níl aon trácht ar phoblacht anois: ní háirmhightear in ao'chor í in óráid ná ar pháipéar. "An bhfuil aithne agaibh ar a chéile": aitheantas dréir cáile. Ní fhéadfainn-se a dhearbhadh an fíor nó bréag é, níl agam ach ar nós gach éinne clos tráchta air: daoine eile ghá rádh. Níl aon trácht fé iasc annso anois: tá sé caithte as a gceann ges na daoinibh. Is daor na diabhail shiopadóiridhe iad, níl aon trácht ar Dhia aca: aon bhaint ná cuimhneamh air. Tá trácht annso ar an Sáirseálach as leabhar eile: cur síos. Ná bí ar trácht liom-sa ortha, ní

bheidh aon bhaint agam leó: ghá dtagairt dom-sa. D'imthigh sé mar imthigh mórchuid eile gan aon trácht: gan aon chunntas ar a imtheachtaibh. Tá sé ar iarraidh lé seachtmhain, gan aon trácht air: aon chunntas fachta cad tá imthighthe air nó cár ghaibh sé. Droch-thrácht a bhí air, rud ná raibh tuillte aige: cáil olc. Sin í an deagh-thrácht atá ag gach nduine air go bhfuil aithne aca air: cáil mhaith. Ní ceart bheith ag trácht air, mar nách fios dúinn an ceart nó mí-cheart atá ann: bheith ghá tharrac inár mbéal. Beidh trácht ort nuair bheir marbh as a bhfuil déanta agat: beidh t'ainm dhá luadh go mion agus go minic. Ná déarfá rud éigin; cad fáth bheith chómh balbh? níl aon rud lé trácht agam: níl labhairt air. D'imthigh sé ó thrácht na ndaoine ar fad: é dearmhadta. Lá breágh aoibhinn grianmhar ag trácht na mara siar dom, do casadh me sa Tiaracht, etc.: ag seóladh, ag taisteal. Ag trácht an bhóthair fhada dhóibh leaghadar (choirrbhuigheadar) an aimsir ag cainnt ar a n-óige: ag taisteal. I dtrácht an lae coireadh é, bhí an obair ró-mhaith dho: i bhfaid an lae. Ní bheadh mo thrácht air dá me thu, dhéanfainn gan a chóngamh ar shlighe éigin: mo thriall: ag iarraidh cabhartha air. Is rómhat atá an trácht fada anois, dathad míle ar a luighead: siubhal: taisteal. Ó bhathas go trácht bhí sí gléasta in éadach sróill: ó mhullach talamh (go bonn cos). Beidh an chos siléigeach ag teacht chúichi féin tá sí goirtighthe go maith ina trácht: caol. Ní raghadh an stoca so orm, tá an trácht ró-chumhang: buimpéis. Chómhnuigheadh sé ar thrácht Thráighlí ach is dóigh liom gur aistrigh sé isteach 'on bhaile: tuath: ar an gceanntar lasmuigh dhe. B'fhearr léi bheith ar thrácht na mara ná in aon áit beó go mbeadh radharc aice ar loingeas: oirear: cósta: bruach. Is iomdha san áit go mbíonn do thrácht ar bórd luinge, cuan is baile mór do chidhir: go dtugair do chúrsa isteach. Níl aon eólas agam ar an áit ní raibh mo thrácht riamh ann: mo shiubhal: mo chuaird. Is fada riamh go raibh aon trácht aige orainn, ní fios dúinn cad dheineamair leis?: go ndeárna turusadóireacht orainn. I dtrácht mo shaoghail, agus ní hindiu ná indé do saoghaluigheadh me, níor bhuail aon chladhaire liom budh mhó ná budh chliste 'ná é: ar feadh mo shaoghail. Dar leó go ngeóbhaid an lá i dtrácht na haimsire: i bhfaid na slighe. Is ins an tigh sin is minicighe mo thrácht: a thugaim turus. In aon bhall níor bhuail an saghas san éin liom ar mo thráchtaibh, ní fuláir nó tá sé an-tearc: ar mo shiubhaltaibh. Folt buidhe dréimreach ag trácht léi thar a guailnibh: ag gluaiseacht. Dá mbeifeá ag trácht choidhche air, ní fhéadfá leath a bheart do ríomh: ag cur síos. Ná bí ag trácht liom ar thobac, ní fheaca sceine dhe lé mí!: ná háirmhigh im fhiadhnaise é. Ní bhíonn aon trácht ceannaidheachta idir roinn na hÉoraipe anois agus Sasana: aon tarrac tríd: luchtóireacht earraidhe. Is iongtach an trácht atá sa tsiopa san, féach a bhfuil de chléirigh ag tómhas earraidhe thar conntabhairt ann: an tráchtáil: díoltachán. Chaitheas éirighe as an éadach daor, ní bhfuaireas aon trácht air: ní bítí ghá cheannach uaim. Bheadh trácht ar thé anois, má bhí riamh, dá mbeadh sé lé fagháil: glaodhach: éileamh. Ní beag í trácht na hÉireann i stoc: díoltar mórán de aiste. Gheóbhainn trácht ar airgead, aon lá, dá mbeadh sé againn: gnóth dhe: céad slighe chun a chaithte. Tá trácht ar Ghaedhealaing anois, rud ná bíodh: éileamh: daoine ar a tóir. Caladh iascaigh atá ann, ní caladh tráchta: go mbeadh luchtóireacht earraidhe ann.

tráchtadh: *f.* (*-ttha*) do dhéanamh tagartha, ríomhtha, margaidh; gluais, cur síos, iomluadh; cur lé chéile scríobhtha ar adhbhar. Déanfaidh sé trácht reatha do thabhairt díbh ar an gcluiche: cuirfidh síos díbh ar imtheachtaibh an chluiche díreach mar thárluigheann ar an láthair. Déineann sé trácht iongtach ar an suathadh aigne do rug air nuair tugadh breith báis air: cur síos cruinn cóirighthe. Cad é an mhaith bheith ag

tráchtadh lé cómhacht is láidre ’ná sinn, ná beidh an ceann is fearr aice dhe: ag déanamh margaidh.

tráchtáil: *b.3.* iomlaoid earraidhe, a ndíol, a gceannach ’sa naistriughadh; conbharsáid; gnóthaidhe ceannaidheachta. Bímíd ag tráchtáil anois idir sinn féin agus Liosból: ag iomchar earraidhe. Ceannaidhthe móra tráchtála Chorcaighe: iad so a bhíos ag díol ’sag ceannach go hiomadamhail maidir le hollmhuiridhe is onnmhuiridhe. Áthrach tráchtála: a iomcharas earraidhe ó chaladhphort go chéile. Ná bíodh aon tráchtáil agat leó ní maith na colpaigh iad: aon bhaint nó conbharsáid.

tráchtaim: *b.a. & n-a.* luadhaim, áirmhighim, cuirim síos ar; gluaisim, triallaim. Ná trácht liom ar an nduine sin, ní lugha orm an sughadh ’ná a ainm do chlos: ná luadhaidh liom é. Faid atá aithne agam air níor thráchtas riamh a ainm lé héinne: níor luadhas: níor thairringeas im bhéal ná im bhrághaid. Ná trácht orm go bhfeacaís me: ná labhair focal ina thaobh. “An raibh neach in ao’chor ag cainnt orm?” – “cé thráchtfadh ort-sa, in ainm Dé?”: cé bhodharfadh é féin lé hoiread agus tagairt duit. Is minic do thráchtamair fút: do chuireamair t’ainm is do bhearta trí chéile. Cá dtrácht a thuilleadh?: ná fuil go léir ráidhte. Ó thráchtais ar an bhfear san, cuireann sé i gcuimhne dhom lá dá bhfeaca é: ós rud é gur thairringis chughat é. Téighir agus trácht do bheatha ar fad i bhfaoisdin, déanfaidh sé maitheas duit: aithris is suathaidh í. Ná trácht air, is iongtach an scéal é: níl a leithéid eile. Tráchtair go fírinneach i gcómhnaidhe, a dhuine: innsir i gceart. Bain an chluas san díom-sa go dtráchtfar fós ar an aicíd seo dá shuaraighe agaibh-se í: go raghaidh sí in olcas chómh mór san go ndéanfair cainnt nách beag di. Níor thráchtas lé héinne beó ar an iomard a bhí orm: níor chuireas in iúil é. “Mairfidh a tásc is tráchtfar choidhche ar marthana ar cháil is ar gháir a gníomhartha”: scríobhfar is luadhfar. Is mall liom mar thráchtann sé, a mhalairt a bheadh beó, aibidh a theastóchadh uaim: mar ghluaiseann. Ní thráchtann airgead air, mear a dhóthain don airiceach: ní thagann. Go dtráchtad ’on uaigh ní labharfad leis: go dtéighim innte.

tráchtaint: *b.3.* (*-ana*) taisteal thar, trí, gabháil thar; luadhachtaint; tásc, tuairisc. Bíonn sé ag tráchtaint an cheanntair ag mangaireacht mion-rud mar iallacha, paidrínidhe, etc.: ag dul ó thigh go tigh. Ní raibh aon tráchtaint aige air, dá mbeadh sé fíor, is iongadh mara mbeadh: aon chainnt air. B’fhearr gan tráchtaint in ao’chor don gcúrsa leis, an rud ná cloiseann duine ní bhuaidhreann sé é: é do luadh leis. Is mór mar imthigh sé fé thóin cártaidhe ar fad, ní bhíonn aon tráchtaint anois air: ní cloistear neach ag tagairt do. Ní hé sin tráchtaint atá fachta againne air, ach gur b’é an té is fearr lé fagháil é ar a chéird féin: an tuairisc.

tráchtaire: *f.4.* duine a scríobhas cunntas beacht, ar théics, leabhar, úghdar, etc., tagarthóiridhe. Luadhann na tráchtairidhe go léir ar líomhthacht a cuid scríobhnóireachta: iad so scrígh go ceartéisteach air. Tráchtairidhe an tSean-Tiomna: iad so a scríobhas ghá míniughadh.

tráchtálaidhe: *f.4.* trádálaidhe, ceannaidhe. Bíonn gach aon rud go gcuimhneófá dhá dhíol aige, is diail an tráchtálaidhe é: duine go mbíonn mórán tarrac tríd aige. Gleódháil mhór i ndíol ’si gceannach, caoire, ba, capaill is uile dhá dhíol is dhá cheannach aige, níl

aon tráchtálaidhe annso ach é. Tráchtálaidhthe té: go ngaibheann cuid mhór di trí n-a gcúram.

tráchtas: *f.1.* cunntas cruinn scríobhtha ar aon adhbhar; tuairisc iomadamhail bheacht. Léigheadh tráchtas ar thráchtáil na hÉireann ag an gcruinniughadh: cunntas ag cur síos ar connus mar thosain sí, d'fhás sí, mheath sí etc. Lé fada tá sé ag gabháil de thráchtas ar an bhfilidheacht: tagairt di ina bhfuil cunntas ar a gnéithibh, a heascar, etc.

trádáil: *b.3.* díol is ceannach, luchtóireacht earraidhe, glaodhach. Áthrach trádála: long a bhíos ag iomchar earraidhe amháin. Bíonn an-chuid trádála i gCorcaigh: áthraidhe ag teacht 'sag imtheacht lé hearraidhibh. Baile mór tráchtála Tráighlí: déintear mórán gnótha ann.

tradán: *f.1.* (**traidín**) ualach droma. Cuireadh an beart éisc ina thradán thiar air: mar ualach ar a dhrom. Ní fheaca riamh ag teacht chun an tighe í gan a tradán uirthi: ualach nó foiscealach. Buachaill beag tóstalach ag dul ar scoil is a chuid leabhar ina dtradán uailín air. Chun cíosa is cánach do chur ina dtradán ar na daoinibh dob fhearr iad: mar shíor-ualach sa mhairc ortha.

trádán: *f.1.* aiste, can. Feabhas ná olcas níl dulta air, tá sé ar an dtrádán céadna go raibh sé seachtmhain ó shoin: aiste, cuma. Ní mór de mhairg an tsaoghail air siúd, ag gluaiseacht leis ar an dtrádán céadna mar chonnaicís é: ar an mbuille.

tradhna: *f.4.* éan donn a ghnáthuigheas móinfhéir is arbhar (geamhar); bíonn scread gharg ag an gcoileach. Codladh an tradhna ort!: deirtear le duine a fhanas ró-fhada ina shuan. Ceann des na seacht gcodlatánaigh é. Tugtar mar leasainm é ar dhuine go mbíonn glór garg géar aige. Chómh héaluightheach lé tradhna: is deacair teacht suas leis. Na tradhnaidhe, éaluigheann ar nós an tradhna: go glic, ní hins an áit a bhíos a glór a geóbhfaí é.

trad-ualach: *f.1.* ualach trom i gcóir an droma. Budh mhór an obair d'fhear bheag mar é an trad-ualach san go raibh an oiread bailighthe isteach ann d'iomchar: ualach toirteamhail.

traen: *b.5.* scuain. Ní choimeádfadh traen suas leis: bíonn siubhal mór fé. Stad traenach: suidhe, áit, ionad ina stadann sí, a fhágann sí nó ar a mbíonn a triall.

trághadh: *f.* (*-aighte*) aithfhilleadh na taoide ó lán mara; ísliughadh, lagughadh, diúgadh, follamhughadh. An bhfuil sé ag trághadh fós?: an taoide ag tuiteam. Níl aon trághadh ar an at, tá sé chómh lán agus bhí riamh: luigheadughadh. Bíonn an rud tinn ag trághadh 'sag líonadh: ag dul i luighead is ag dul i méid. Bíd ag trághadh na dighe nuair bhíonn an t-airgead aca: ag ól go fuadrach: lé hintinn. Dá raghadh aon trághadh ar an abhainn b'fhéidir go bhféadfainn dul thart: aon dísciughadh. Ní dheaghaidh aon trághadh ar a neart, níl aon rud a dhein sé riamh ná déanfadh fós: lagughadh. Mara dtéigheann trághadh ar do bholg pléascfair: luigheadughadh. Dá fheabhas é an fear crapann an aois é, is dá fhaid é an trághadh tagann an líonadh: níl aon rud ná go dtagann ina ionbhaidh féin. Beir

fada air, cá bhfuil do dheabhadh? ní har chloich thráighte taoi: cloch go gclúdóchadh an taoide í ar fhilleadh dhi. Tá lag-trághadh liom anois ann: an taoide bheith chómh híseal agus b'fhéidir do bheith: idir an lag 'san lom. Tá an t-am ag trághadh as: ag druideam leis an mbás. Ní fuláir nó tá goin san bhfeadán san is é do bheith ag trághadh: an ghaoth ag imtheacht as. Tá trághadh mór ar an mbáistigh: tá sí dulta i luighead. Coighcíos ag líonadh is coighcíos ag trághadh, sin mar do bhím-se is mar bheidh me go bráth: an leath-ré. Níl aon trághadh dulta fós ar uiscidhibh an chnuic: luighead. Ní fhanann trághadh le headarshuth: má bhíonn ar dhuine í d'fhriotháilt ní cuibhe dho codladh ró-fhada isteach sa mhaidin. Níl aon trághadh dulta ar an inchinn fós aige: tá sé chómh haibidh, éascaidh is bhí riamh.

trághbhach: *f.1.* trufais a fhágas an taoide ina diaidh, nó tuile. Chídhfeá ag cuardach an trághbhaigh iad sall barra taoide féachaint an mbeadh aon rud caithte isteach thar éis na hoidhche. Trághbhach an tuile: cipínidhe, slapair chrainn is uile a bhíos bailighthe le fánaidh aice.

trághchaint: *b.2.* luigheadughadh, dísciughadh, connlughadh. Ní mór an trághchaint déanta aige fós: níl puinn den uisce tuitithe. Níl sé chómh borrtha is bhíodh sé, tá trághchaint mhór dulta air: luigheadughadh mór ar a chorp. Níor chas an aimsir fós, níl aon trághchaint dulta ar uiscidhibh an chnuic: dísciughadh. Chuaidh trághchaint ar an lamhnán: d'imthigh cuid den ngaoith as.

tráibhéaras: *f.1.* buille trom leis an láimh; scrios-bhuille. Thug sé tráibhéaras dom a chuir mearbhall orm: scrios-bhuille: buille dochaiseach.

traidín: *f.4.* (**tradán**) ualach, for-ualach, treallamh. Caith dhíot an chasóg mhór san ná fuil aon chall agat léi, na laimhne, na loirgbhearta is a bhfuil de thraidínidhibh eile ort. Má tá aon traidínidhe agat cuir annso iad: brat ná eile ná bíonn puinn gábhtair leis. Bain na traidínidhe den gcapall: iallait, gléas, etc. Leanann traidínidhe an domhain an bhean chéadna: brait is mion-mhaingisínidhe. Is mór go léir a bhfuil de thraidínidhibh ar chulaith: órnáididhe.

tráigh: *b.3.* foraoil, cladach farraige, tuirling; imtheacht na taoide. Connus tá an tráigh anois?: an taoide síos nó suas. Ní lia gainnimh ar thráigh 'ná é ráidhte agam leis aire do thabhairt do féin: ar an bhforaoil: ar an méid den oirear go dtagann an t-uisce air. Bóthar na trágha: in aice na farraige mar a mbíonn cladach (cloch) nó leirg ghainnimhe. I gcúl-Thráigh an Fhíona tháinig an raic isteach: tráighín lé hais trágha móire. I gcómhrac trágha is mara fuairtheas an duine báidhte: ar chiumhais cladaigh: barra taoide. Ar thráigh mhara b'fhéidir leat an charraig do shroichstint: ar mbeith don dtaoide do bheith chómh híochtrach agus is féidir do bheith. Fuair gach nduine aca marcaidheacht, ach mise a fágadh ar an dtráigh: ar foraoil: ag siubhal: níor bacadh liom. Tá sé ina thráigh: an t-uisce íochtrach ar fad. Cath Fionntrágha: tráigh gainnimhe. Ar an dtráigh bháin: ar an ngainnimh. Sráid na trágha: sráid buailte le cladach go dtagann is go n-imthigheann an taoide air. Táir d'iarraidh an dá thrágha do bhreith leat rud nár dhein éinne riamh: friotháilt ar dhá ghnóth, dhá áit etc., ar an am gcéadna. Níor thug an gobadán an dá thráigh riamh leis: níor fhéad éinne riamh bheith i dhá áit nó ag friotháilt ar dhá rud ar an

aon am. Is fearr dul ag fiafruighe na trágha ’ná ag fiafruighe drochmhná: budh mhóide t’ádh rud éigin do bhualadh leat ann. Cnoc nó tráigh a chuireas ocras ar chách: obair dhian, ghéarghoiligheach a leanas iad araon. Níl aon tráigh ar chumhadh na mná boichte: tá sí chómh brónach agus bhí sí. Is minic a raghadh an cat ’on tráigh ach lé leisce a lapa d’fhliuchadh: d’íosfadh sé báirnigh go maith cois teinteáin: mórán gur fearr leó bheith ag brath ar chách chun soláthair chúcha ’ná aon duadh do chur ortha féin. Comhnuigheann sé i mbothán i mbéal trágha: áit oscailte leis an muir mhóir. Circín trágha: éan beag gleóidhte a bhíos ag mion-scréachach a ghnáthuigheas agus a ghníos a nead i gcómhgarach trágha.

tráighim: *b.a. & n-a.* luigheaduighim, díscighim, diúgaim, téighim as, tuitim (taoide). Tráighfidh ar an bhfochais: nochtfaidh sí: ísleóchaidh an t-uisce ina tímcheall. Fan annsan anois go líonfaidh fút is go dtráighfidh uait: lé duine leisceamhail ná bíonn fonn air an t-ionad a bhíos aige d’fhágaint. “Mo chráidhteacht is mo chumhadh ná tráighfidh (is fada siar Márthain is an baile atá láimh leis)” deirtear lé rud ná bíonn aon dul ar a dhéanamh. Suidh farainn go dtráighfidh an saoghal: go mbeidh deireadh leis an mbáistigh nó go deireadh na scríbe. A shláinte thráighfinn duit: d’ólfainn a shláinte go fonnmhar. Droch-chómhartha ar an láimh go dtráigheann is go líonann uirthi: go n-imthigheann is go bhfilleann an t-at. Thráighidh na hainmhidhthe leis an siubhlóid fhada: suathadh iad chómh mór san gur chaoluigheadar. Níl tuile ná trághann ach tuile na ngrást: ná go laguigheann: bíonn tabharthas na ngrást lé fagháil i gcómhnaidhe. Sara stadam trághfam an baraille: ólfam go tóin é. Thrághaidh orainn ann: d’fhanamair i bhfad ann. Trághfaidh do sparán má leanair ar a chaitheamh go rabairneach: raghaidh sé i luighead. Ní fhéadfadh sé aon obair do dhéanamh go dtráighfeadh sé: go dtuitfeadh an biadh aige. Ní thráighfidh a cumhadh, chlaoidh an bás ró-mhór í: ní dhísceóchaidh.

tráighte: *a.r.* luigheaduighthe, díscighthe, dulta (tagtha) as, follamhuighthe, íslighthe. Tá sé tráighte: an taoide íslighthe ar fad. Dá mbeadh an abha tráighte b’fhéidir go bhféadfá dul treasna: uisce an tuile luigheaduighthe. Táimíd tráighte amach ar fad as thobac: níl aon phioc de fágtha. Tá cuisle na dáimhe tráighte: féith na filidheachta gan toradh. An tráighte atáthaoi annsan ná gluaisfeadh sibh?: an amhlaidh atá curtha fúibh agaibh lé hintinn fanamhaint ann. Pócaidhe tráighte atá aige thar éis na ráiseanna: follamha. Tá an chos tráighte go leór anois chun bróige do chur uirthi: an t-at imthighthe aisti. Dá mbeadh poll tráighte bheadh a fhios againn cad atá ar a thóin: an t-uisce imthighthe as.

tráighteóir: *f.3.* duine a ghnáthuigheas cladaighe ar lorg raice, etc. Is deacair d’aon rud bheith fé chuardach an tráighteóra so: cuarduightheóir trágha.

tráightheóireacht: *b.3.* cuardach trágha, bailightheóireacht feamnaighe, etc. An lá ar fad ag tráightheóireacht agam is gan scolb raice agam: ag cuardach ar an bhforaoil. Lé tráightheóireacht a leasuigheas an gort: feamnach, iascáin agus a leithéid.

tráill: *b.2.* suarachán bocht, truaghán, mogh. Ag imtheacht ina thráill bhocht ag obair dos go héinne: truaghán bocht gan aon éirghe os a chionn. Bhíodh gach éinne ina thráill ges na tighearnaidhibh talmhan: gach nduine ina scláimh. Ina thráill atá sé riamh ag rith i ndiaidh gach bodaigh is ag cuimilt a theangan de gach bodach: slíomaire.

trais: *b.2.* duine nó ainmhidhe ná bíonn coingheall ann nó ná bíonn gníomh ann dréir a thoirte. Níl ionat ach trais fir a rádh go gcuirfeadh truaghán mar é siúd i ndiaidh do chúil thu: fear meathta: ná fuil dréir a dheallraimh. Éirigh, a thrais is ná bí ag tuiteam ar do thóin i mbéal gach beárnan: duine meathtach. Sínte ina thrais ag an ólachán: gan mhaith, gan anam, gan bhrigh. Trais capaill seadh é ná tairringeóchadh an t-ualach beag san: spreasán.

traisnín: *b.4.* trais shuarach. Nách é an traisnín é ná féadfadh an claidhe íseal san do léimeadh: duine gan tapa. A thraisnín, an bhféadfa aonnidh do dhéanamh?: a mheathtuigh. Cad tá ann ach traisnín: rud meathaluighthe.

traisnín: *f.4.* aon rud – clár, téadán a bheadh curtha treasna chun greamuighthe is fáiscithe. Dá mbeadh traisnín ar an dá chlár san, choimeádfadh in ionad iad: cláirín treasna. Cuir traisnín ar an dá chóirdín cinn is beidh do bheartán níos fáiscithe: treidhsleach córda. Chómh luath is bheidh na traisnínidhe ar na cúplaidhibh cuirfidh an t-eiligeóir an tslighe ar bhuaic an tighe: na lataidhe treasna: treasnáin.

tráithnín: *b.4.* léas, seamar. Ní fiú tráithnín a bhfuil air, níl air ach scrabhadh beag: ní fiú é d'áireamh. Ní thabharfainn tráithnín ort ná féadfadh é sin d'iomchar: ní thabharfainn biorán ort.

tralabhait: *b.2.* glór, mór, trom; tuiteam mór; dlúimh thútach. Ar feadh na hoidhche ar fad bhí tralabhaitidhe móra ges na tóirneachaibh: torann mhór lé gach ceann aca. Anuas leis an bhfalla ina thralabhait: ina chlais mhóir lé tuairt mhóir. Nuair thuit an fhaill dhein sí tralabhait mhór: glór trom, balbh. Tháinig an cioth ina tralabhait orainn: mar thiocfadh in aonfheacht. Dhera mhuise, tá tralabhaitidhe dhá chaitheamh ag gunaidhibh móra ar Chathair Stailín: urchair mhóra, throma, thoirteamhla a bhaineas tuairt uathbhásach amach. Nách é an tralabhait é, an aindeise atá ann ag suidhe ar an gcathaoir: duine trom, toghdaithe.

trangláil: *b.3.* dul trí chéile, greitheal, maingisíndidhe, úirlisidhe, adhlainidhe, achrann, garbhuaic. Beidh an iomad tranglála sa trucaill, is baoghalach, chun marcaidheachta do thabhairt duit: breis rud a bheadh sa tslighe ort: achrann de dhruim an iomad traidínidhe. Choidhche ní bhíonn sé luath sa bhaile nách air bheireann an trangláil ná beireann ar neach eile: siléig éigin a mhoilligheas é. "Connus tá agat?" – "níl ach bheith ag trangláil leis an saoghal": ag stracadh leis. Tóg leat na tranglála as an slighe uait: iliomad rud caithte go neamhchríochnamhail. Níl aon Domhnach ná go mbíonn trangláil óil sa tigh chéadna: mórán duine ag dul 'sag teacht ann. Déanfaidh an chúis seo cúis thranglála, tá na fichididhe fíné lé glaodhach uirthi: beidh achrann ag baint léi. Is mór an trangláil é seo go léir do scaoileadh airís thar éis an duaidh a fuairtheas ghá cheangal: beidh strus is achrann. Ar an rian cos is rud a bhí ar an mbóthar ar maidin ní fuláir nó bhí trangláil éigin airéir ann: dul trí chéile. An bhfuil do chuid tranglála go léir i bhfóireamh a chéile anois agat? má tá gluaiseam: mórán traidínidhe. Tóg leat na háraistidhe den mbórd, tá an iomad ar fad tranglála air: breis rud caithte i ngabhal a chéile a dheineas muirearach é. An trangláil go léir a bhí os a chómhair ar an mbórd, leabhartha, páipéir, etc.: útamáil. Níl

aon obair chruaidh ná go leanann trangláil í: duadh is greitheal. Dhéanfadh leath na tranglála an gnóth dho, siopadóireacht, feirmeóireacht is gach nidh go bhféadfadh sé pingin do bhaint as: leath na gleódhála. Tá trangláil an fhóghmhair thart: duadh agus greitheal.

tranglálach: *a.* achrannach, greithealach, duaidhseamhail, iomadamhail. Rug maidean an-thranglálach orm, theip mo rothar orm, ní bhfuaireas aon charra sráide, is b'éigean siubhal isteach: rug achrann is imshníomh orm. Is tú an duine is tranglálaighe ar bhóthar ar m'aithne, a mbíonn de rudaidhibh leat féin is lé daoinibh nách thu dhá tharrac leat agat: is mó go leanann achrann. Bead réidh luath go maith sa mhaidin ní heól dom aon ghnóth tranglálach a choingbheóchadh moill orm: go leanann réidhteach é. Dá mbeadh braon ólta aige bheadh sé tranglálach a dhóthain: seachránach, do-ranna. Is deacair do teacht ar go haonnidh, fear tranglálach is eadh é: fear go mbíonn an iomad rud ag baint na súl as.

tranglálaidhe: *f.4.* útamálaidhe, duine go leanann greitheal, achrann is neamh-chruinneas é. Cuir uait, ambaist, árd-thranglálaidhe seadh é, is a ndéineann sé de ghnóthaidhibh gan cóngamh ó éinne: gíotálaidhe iongtach. Is tú an tranglálaidhe, féach a bhfuil bailighthe síos id phócaidhibh agat: duine a bhailigheas rudaidhe go neamh-chúramach, neamh-chruinn ar a chéile. Ná beifeá ag gluaiseacht, cad eile atá uait anois? ó, mhais, tá mo chroidhe briste agat mar thranglálaidhe: duine go mbeadh rud ar iarraidh nó ag teastáil uaidh nuair budh dhóigh leat é do bheith réidh. Cad é an mhaith bheith ag feitheamh leis an dtranglálaidhe sin?: duine go mbeadh so nó súd ag coimeád greama air. Triúr tranglálaidhthe mar iad, is iongtach mar dheineann siad: go mbíonn an oiread san lé déanamh aca. Féach a bhfuil caithte ar an úrlár ag an dtranglálaidhe: a chaitheas rudaidhe i ngabhal a chéile. Gach aon tranglálaidhe i mbun a chúraim féin ar an aonach: duine go mbíonn air so súd do dhéanamh.

tranglálaim: *b.a.* cuirim trí chéile, in achrann, i ngabhal a chéile, cruachaim ar a chéile. Tranglálfair an t-úrlár sara stadair de bheith ag caitheamh go haon tsean-rud a thagann treasna ort air: cruachfair air: beidh sé chómh hachrannach agat ná féadfair cos do tharrac ann. Tranglálfair le ceisteannaibh me mara dtugair eaga dhom: cuirfir mearbhall orm. Ná trangláil a thuilleadh anois me, tá mo dhóthain: ná cuir trí chéile me: ná cuir breis achrainn orm ar chorp nó ar aigne.

tranglálta: *a.* achrannach, trí chéile, groithealach, lán de tharrac tríd. Is tranglálta an duine thu chun bheith id chuideachtain: deacair do bhreith chun cinn: duaidhseamhail mar gheall ar t'iomchar: go leanann so nó súd aimhréidh thu. Is tranglálta an pháirc a dhéanfaidh sí lá imeartha an chluiche cinn: an oiread san daoine bailighthe isteach innte gur deacair corruighe: gur duaidhseamhail an rud réidhteach do choimeád. Caithfear leath na ndaoine do chur amach, tá an seómra ró-thranglálta aca: brúighte, palcuighthe. Tóg cuid aca so uaim, tá mo phócaidhe ró-thranglálta aca: an iomad achrainn is aimhréidhtigh déanta aca. Cúis an-thranglálta seadh í, ní mór eaga is fuaimeant chun a réidhtigh: achrannach ar fad.

tranglam: *f.1.* dul trí chéile, achrann, duadh, draip, clampar. Leanann tranglam tigh do thógaint: duadh, aimsir, obair is airgead. An leanann aon tranglam eile anois thu? nó an

bhfuilir réidh lé gluaiseacht?: aon rud a choiscfeadh thu nó a choimeádfadh mall ort. Tá tranglam i gclainn do thógaint: duadh: caitheann duine strus do chur air féin chuige. Pé tranglam atá eadraibh réidhteócham anois é gan éinne bhur gclos ná seódh bóthair do dhéanamh díbh féin: clampar: neamh-thuisgint. Beidh tranglam go fóill orm-sa, fan réidh liom: rud éigin a mhoilleóchaidh dem aindeóin. Ná déin aon tranglam dom anois faid bhead d'iarraidh é seo do thuigsint: leig dom: ná bí ag cur isteach orm: ag treasnghail ná aonnidh. Tranglam an domhain uile do leanann feirmeóireacht: duadh: an iliomad gnóthaidhe a choimeádfadh duine ar siubhal ó dhubh dubh. Táid i dtranglam dlighe lé chéile, is ní hannamh san aca: clampar nó achrann. Beidh tranglam an cúrsa so do réidhteach, tá sé an-achrannach: caithfear aimsir is duadh leis. Is mór an tranglam é nách féidir libh an imirt do chómhaireamh ina ceart: clampar: trioblóid: achrann is deacair do réidhteach. Táir i dtranglam na mbliadhan go mór anois, ná fuilir?: dulta isteach go doimhin ionta. Dá luighead í bunóc is mór an tranglam í: an duadh atá innte aire is cúram do thabhairt di. Ní haon tranglam in aon áit dá ngaibheann sé é: ní chuireann sé buaidhreamh ar bith ar dhuine. Ní tranglam go dtí is mar tá ar fuaid an domhain anois: clampar is achrann. Rud mór tranglaim an t-ólachán: leanann easaontas is clampar é. Mo chómhairle dhuit gan aon tranglam do dhéanamh idir an lánamhain sin: gan aon teacht eatartha a dhéanfadh éad.

traoi: *b.4.* an chathair. Suidhe na Traoi: tagairt ag filidhibh di.

traoilleán: *f.1.* siléig, moilleadóireacht, leadrán. Ag traoilleán ar chúinnidhibh sráide: ag tónachas is drom lé falla. Níl aon ghnóth ag déanamh traoilleáin againn, tá cúrsa fada rómhainn is an deireadh ag teacht: ag siléig: ag leadrán.

traosta: *f.4.* craodó, ar aiste luighte. Sínte ar thraosta dho féin ar an dtolg, is gan mairg sa tsaoghal air: ar a chraodó: ar suaimhneas subháilceach. Ar a thraosta anáirde lé gréin: ar a fhaid 'sa leithead lé gréin 'sa bholg anáirde. Shín sé lé scrios-bhuille ar mo thraosta me: ar fleasc mo dhroma gan anam.

traochach: *a.* corthach, tabharthach, tnáthach, claoidhteach, caithteach. Obair thraochach rothaidheacht nuair théigheann duine ró-dhian air féin: tnáthach: tabharthach: a choirfeadh duine. Duine traochach thu a bheith ag obair leat: a bhrisfeadh an croidhe i nduine lé duadh cuirp. Cá bhfuil aon rud chómh traochach le ceal codlata: tnáithteach: a bhainfeadh an neart is an bhrigh asat leis.

traochadh: *f.* (*-chta*) claoidhe, cnaoidhe, tnáthadh, lagughadh, cluicheadh, suathadh. Bhíos-sa cortha, is an codladh ghom thraochadh: ag gabháil lastuas díom: ag baint na héascaidheachta as mo bhallaibh beatha. Táim dhá thraochadh ag an ualach, beir uaim dom tamall é: ag claoidhe mo nirt is m'anáile ná féadfainn a iomchar a thuilleadh. Tá sé ag cainnt gan aon traochadh: gan sos: gan coirtheacht. An girrfiadh dhá thraochadh ag an gcoin: tnáthadh: cluicheadh: brigh an reatha ag trághadh ann. An dtéigheann aon traochadh ort ach ag ól thobac, etc.? Me dhom thraochadh ag an mbás is gan éinne ag teacht chun fóirithinte orm: dhá chur ar lár. Is mór an traochadh thu mar dhuine: bheith d'iarraidh ceann cuinge do choimeád leat tuirseóchadh sé éinne. Sé atá ghom thraochadh-sa ar fad ná braitheann neach gur cladhaire é: ghom mhilleadh: ghom chlipeadh. Cnoc

géar is iomad deabhaidh traochadh éinne: tuirsiughadh. Níl aon traochadh fós ar an lá: pé sín atá ann níl aon lagughadh dulta uirthi. Táid ag traochadh a chéile ó thalamh na laetheanta so, na cómhachta móra: ag claoidhe is ag snaoidhe nirt a chéile. An madra ag traochadh mo thréad caorach: ar a dtóir ghá gcluicheadh.

traochaim: *b.a. & n-a.* cnaoidhim, snaoidhim, tnáthaim, cluichim, laguighim, claoidhim. Ná traoch me, fan socair: táir ag gluaiseacht ró-mhear dom ní fhéadfainn congbháil suas leat. Traochfair thu féin lé cainnt: lagóchair: cuirfir sa tslighe thu féin is ná féadfair labhairt. Traochadh ag rámhaidheacht iad: d'imthigh a lúth is a n-anál. Traoch an ghirrfiadh an chú: de thoradh reatha aige chaith sí tabhairt suas den dtóir. Siubhalóid ró-fhada dhuit seadh í, traochfaidh sí thu: coirfidh thu: tuirseóchaidh. Níl aon dul go dtraochfar é, tá an iomad nirt ann: go snaoidhfear: go tnáthfar. Traochfaidh an iomad bídh thu: cuirfidh sé masmus ort. Traochadh fearg Dé: laguigh sí. Traochann an obair gach éinne: bíonn an iomad ró-mhaith don té is fearr. Thraochadar féin a chéile, ná feadraís céaca budh laige sa deireadh: thnáthadar: bhuaileadar amach: thugadar a chéile. Éist lé gaoith na mbeann is traochfaidh na huiscidhe (leamhas): fanacht gan aon rud do dhéanamh, is beidh fuar agat lé réidhteach do dhuabhaise.

traochta: *a.r.* cortha, tugtha, cnaoidhte, tuirsighthe, caithte, cluichte. Táim traochta tar éis mo lae: tuirsighthe: ní mór go bhfuil ionam a thuilleadh do dhéanamh. Tír thraochta anois í, cé ná leigeann sí uirthi é: tugtha: a neart ar fad caithte lé duadh. Fear traochta seadh me: níl mórán eile gnímh ionam: ní fada ón mbás me. Bhinn chómh traochta le madra (cortha) tar éis mo lae: tugtha: gan puinn luadair ionam. Is furaiste breith ar thóin anois air, tá sé traochta: níl a thuilleadh ann. Níl an tuile, an ghaoth, an fharraige traochta fós: chómh teann láidir agus bhí. Ní traocfar go deó na ngrást an fharraige: ní stadfaidh sí de bheith ag gluaiseacht. Tá m'inchinn traochta ó bheith ag gabháil de leabharthaibh: níl feidhm innte aca.

traochtamhail: *a.* caithteach, cnaoidhte, claoidhteach, tnáthach. Imirt thraochtamhail dob eadh í, bhí an talamh an-shleamhain agus tiomáint chealgánta againn: tabharthach, laguightheach. Is traochtamhla dhom lá siubhail ná lá oibre: is mó do bhraithim ag goilleamhaint orm é. Obair thraochtamhail rámhaidheacht: a choirfeadh do neart.

trasna: (**treasna**) *d-bh. & r-fh.* ó thaobh taobh, thar, in aon treó ach ar a fhaid; fiar-sceó; os cionn sall nó anall, etc. Ní fhéadfainn dul trasna an bhóthair aige nuair bheadh sé im dhiaidh: ón dtaobh abhfus go dtí an dtaobh thall. D'imthigh sé an cómhgar trasna an chnuic: thar, ón dtaobh so go dtín taobh eile. Níl sé ach trasna na habhann: níl d'achar eadrainn ach an abha. Ná tair trasna orm faid bhead ag cainnt: ná cuir isteach orm. Bíonn scéal trasna aige i gcómhnaidhe: tharais: scéal éigin chun athrughadh do dhéanamh ar an gcómhrádh: malairt scéil. Cuirfear droichead trasna na habhann: tháirse sall os a cionn. Tómhais ar a thrasna é: ar a leithead. Tarraing trasna an fhocail sin: cuir stríoca air. Ní thána trasna riamh ar aon fhear dob fhearr liom 'ná é: níor bhuail liom. Cá dtiocfair trasna orm?: cá mbuailfir liom. Ná tóg orm teacht trasna ort: briseadh isteach ar do chuid cainnte. Táir ag fás trasna: sall 'sanall, nách ón dtalamh suas. Cuireadh maide trasna sa bhearnáin roim ainmhidhe: ó thaobh taobh. An fada trasna go dtín oileán é?: cad é an fhaid thar farraige. Abair é seo gan t'anál do tharrac – "is deacair stoca stracadh trasna"

airís agus airís. Síneadh trasna i lár an bhóthair me: sa tslighe ar éinne a bheadh ag gabháil an bealach. Trasna a thagann an té chughainn: thar farraige. Ar ghaibh éinne trasna a thógfadh é?: an bealach, an treó. Caith trasna an chlaidhe an mála san: thar. Gaibheann an scéal san trasna tríom: goilleann go trom orm. Fuair an bhó bás, bhí an gamhain trasna innte: suidhe mícheart air. Buaileadh trasna an bhéil me: ó chiumhais ciumhais. Cuireadh an dubhán trasna sa bhreac: ina chliathán. Tair trasna chugham: tar claidhe, abhainn, farraige, etc. Ní dheaghaidh biadh ná deoch trasna mo bhéil ar feadh an lae: im ghoile: níor bhlaiseas.

trasnach: (**treasnach**) *a.* ar a thrasna, crosta, contrárdha, frisnéiseach. Ná bí chómh trasnach san ar dhuine nuair labhrann sé, ní leóimhte do dhuine focal do theacht as agat: claon lé cur isteach air. Taobháin, is iad na cláracha trasnacha: a cuirtear anuas ó thaobh taobh ar a leithead. Leanbh trasnach go dtastóchaidh uaidh smacht do chur air é: teallaire go mbíonn a ghob i ngach rud aige.

trasnacht: (**treasnacht**) *b.3.* crostacht, ciotarúntacht, dánaidheacht, ar aiste bheith trasna. Cuireadh cláracha ar a dtrasnacht ar an ngeata: ó thaobh taobh. Leagadh ar mo thrasnacht me: ar mo chliathán. Ní osclóchad mo bhéal chun focail eile do rádh, níl agat liom ach trasnacht: briseadh isteach orm.

trasnaidheacht: (**treasnaidheacht**) *b.3.* treasnghail, trasnáil, cur isteach, sárughadh cainnte. Is diail go léir an fonn trasnaidheachta atá ort ná leigfeá don bhfear labhairt: sárughadh cainnte. Ná bí ag trasnaidheacht, má tá aon rud lé rádh agat gheóbhair cao air, ach ná sáruigh an té atá ag cainnt: ag rith roimis. Chromadar ar thrasnaidheacht ar a chéile is níor bh'fhada dhóibh gur éirigheadar chun a chéile: ag bréagnughadh is ag cosc a chéile ar labhairt. Pé rud adéarfainn dhéanfá trasnaidheacht orm: chuirfeá ina choinnibh.

trasnaighil: (**treasnaighil, trasnghail, treasnghail**) *b.2. & 3.* trasnáil. Is mór an fonn trasnaghala atá air ná leigfeadh sé dhuit do scéal do chríochnughadh: sárughadh: teacht trasna. Ní mhairfeadh sé gan bheith ag trasnaighil: ag cur ceisteann chun duine do chur dá threóir nó dá chos ar réim a eachtra. Budh dheacair do aonnidh cóir do rádh, mar bhí scata a tháinig d'aon ghnóth ghlan ann chun bheith ag trasnaighil air: chun bheith ag caitheamh carbhall leis, ag cur ceisteann air, etc. a bhainfeadh dá threóir é: a chuirfeadh as a bhuille é. Ní chuirfeadh do chuid treasnghala amudha é siúd: cros-cheisteanna ná giobaireacht.

trasnáil: (**treasnáil**) *b.3.* teacht trasna ar eachtra, chainnt, etc., sárughadh, eadarnáil. Ní dhéanfadh do chuid trasnála dhuit é, is maith is eól duit an ceart do bheith chughat: ag tarrac rud iasachta sa chúrsa chun é féin do shaoradh. Trasnáil ar fad seadh é, ní haon tsuaimhneas i gcuideachtain é: eadarnáil: iarrachtaidhe ar chainnt do chosc. Ní túisce focal as bhéal éinne aca ná seo ag trasnáil iad: ag cosc 'sag bréagnughadh a chéile. Ná bí ag trasnáil anois orm, faid bhead ag léigheamh: ag briseadh isteach orm. Is mór é a chion ar an dtrasnáil: bheith ag labhairt nó scríobh corr.

trasnálaidhe: (**treasnálaidhe**) *f.4.* eadarálaidhe, sáruightheóir, easaontóir d'aon ghnóth; giobaire. Is éachtach an trasnálaidhe duine é, dá léire thabharfá scéal do ní fuláir leis gan bheith ag cur ceisteann is ag tabhairt míghéilleadh dhuit. B'é gur ghearr an mhoill air treasnálaidhthe do chur ina n-éisteacht: daoine a bheadh ghá shárughadh i gcainnt.

trasnán: (**treasnán**) *f.1.* ball a cuirfí trasna, taobhán, téadán etc. Trasnáin an dorais: na cláracha éadtroma a cuirtear trasna thiar leis an gcómhlainn chun a fáiscithe is a neartuighthe. Dá mbeadh dhá thrasnán ar bhéal an bhosca neartóchadh siad é: dhá bhlúire adhmaid ó thaobh taobh. Cuir trasnán ar an mbeart nó scéidhfidh sé: téadán in áit ná fuil.

trasnughadh: (**treasnughadh**) *f.* (*-uighthe*) teacht trasna, sárughadh, toirmeascadh. Ná bí ag trasnughadh orm, leig ar aghaidh lém chuid labhartha me: ghom shárughadh. Scrígh ag trasnughadh a raibh ráidhte agam: ghá bhréagnughadh. Níl neach láithreach a fhéadfadh do thrasnughadh gur fear maith é: a áiteamh nách eadh.

trasnuighim: (**treasnuighim**) *b.a. & n-a.* áitighim i gcoinnibh, sáruighim, toirmiscim, coiscim. Trasnuigheann sé orm nuair bhím ag eachtraighe ar Bh'l'Áth Cliath: áitigheann sé orm i dtaobh rudaidhe a bhíonn dhá rádh agam: bíonn sé d'iarraidh teacht trasna orm. Trasnóchad gach aon rud a déarfaidh sé: labharfad ina choinnibh: áiteóchad air. Thrasnuigheas air ach ní éisteóchadh sé: sháruigheas a labhartha.

tráth: *f.3.* uain, aimsir, uair, cao, an uair, taca, am, seal, ré. Bhíos tráth dhem shaoghal is budh bheag orm raispín mar thusa do threascairt: am áirighthe: nuair bhíos óg. Cad é an tráth den lá atá anois ann?: cad é an t-am é? B'é tráth den mbliadhain a tháinig sé abhaile tímcheall lae fhéile Pádraig: an taca. Maran b'é tráth d'oidhche dhuit teacht é, i midhe mhairbh na hoidhche: am: uain: uair. Tráth is go rabhais ar an mbaile mór is iongadh ná deaghais ar mo thuairisc 'on ósbuidéal: ó thárla dhuit bheith ann. Tráth is go bhfuil an t-airgead agat is fearr dhuit t'fhiacha do dhíol: ós rud é go bhfuil. Tráth chonnaic sé me do leig sé scárta gáire: chómh luath is chonnaic. Ar theacht don dtráth caithfeam go léir gluaiseacht. Brostuigh is beir i dtráth: in am. Tá sí i dtráth pósta go maith: tá an oiread aoise aice is nár mhisde dhi sin. I dtráth is in an-tráth bím ghá chómhairleach do aire do thabhairt do féin: moch mall: gach ré sholais. Tá sé tráth codlata anois: in am dul chun suain. Gluais, tráth bhím-se ag obair bír-se id shámh-chodladh: lé linn dom bheith: ar feadh na haimsire go mbím etc. Tráth éigin idir a seacht 'sa hocht a chlog seadh fuair sé bás: am éigin i rith na feadha san. Tháinig sé isteach an tráth san díreach go rabhais-se ag cainnt: lé linn tu bheith. Tiocfaidh tráth fós ort-sa agus b'fhéidir ná hiompófá anáirde do chainncín ar phrátaidhibh: am id bheatha. Lá des na laethibh agus tráth des na tráthaibh chuaidh Fionn is an Fhiann ag fiadhach agus ag fionn-scoraidheacht: lá amháin ar am áirighthe. Tagann tráthanna air agus bíonn sé níos féile ná a chéile: uaireanta. Ar thráth na maidne b'fhearr liom gluaiseacht: lé n-a linn. Tráth bheidh an biadh caithte agat, bí ag gluaiseacht ar do bhog-stróc: nuair bheir réidh leis, gan deabhadh do dhéanamh. Tráth agus go bhfuil sé sroichte chómh luath so ní rug puinn moille air: ó tá sé, etc. Ní tráth faillighe anois é: caithfear aghaidh do thabhairt ar an gcúrsa ar an dtoirt. Tráth scuireas an lámh de shileadh stadfaidh an béal de mholadh: a thúisce stadtar den síntiús beidh deireadh ag éinne ghod mholadh. Bím tráth lé breis is tráth gan luid: tamallacha mo dhóthain agam, tamallacha dealbh. Fuaireas an beagán airgid seo i dtráth, ní raibh cianóg

agam: in am gur theastuigh sé go dian, is gur oir sé. Ní tráth imtheachta dhuit anois é, is a oilceas atá an uain: ní ham cuibhe dhuit é. Ón dtráth go chéile ní théigheann sos ar láimh ná ar chois leis: bíonn sé do shíor ag obair nó ag gabháil do rud éigin. Am an bhídh, is maith mo thráth: thána go caothamhail. Leadránaidhe ó thráth go hoidhche thu: ó mhaidean go hoidhche ní dhéinir luid oibre. Bír-se id scraiste dhíomhaoin tráth bhím-se ag snoighe na ngéag díom féin ag saothar don dtigh: i rith na haimsire. Gach tráth i dtráthaibh an dinnéir: le linn do bheith ar siubhal. Níl aon tráth ná gur mise an fear duit: aon am gur mian leat tú féin do thástáil bead-sa id chóir. D'éirigh sé tráth coiligh: lé glaodhach an choiligh. Níl sé i dtráth fós ubhla do bheith ann: níl sé i saosúr: in ionbhaidh. Bíodh a gcuid ranngcáis aca, tiocfaidh mo thráth-sa fós: m'uain. Ní mór na tráthanna caithte agam ag gabháil de, ní gábhadh an lochtughadh go léir: an aimsir. Bhíodh croidhe na mná boichte briste ó bheith ag feitheamh leis. D'fhanadh sé amuigh tar na tráthannaibh: siar amach san oidhche. "Seachain i dtráth, ná fág do chiall lé heagla mná bheith fáilteach fial": féach rómhat in am. B'fholláin do an dochtúir do theacht i dtráth air: in am gur bh'fhéidir leis beart chabhartha do dhéanamh. Nách breágh gur in an-tráth thagair i gcómhnaidhe, níl faic rómhat anois ná go bhfuil ithte: ar am mhío-oireamhnach. I dtráth is in an-tráth bí ar t'aire: do shíor. Tháinig an dá thraen isteach cómh-thráth: ar an am gcéadna. Níor fhéadas a thabhairt chun cruinnis i gceart cad a bhí ann ag an eadar-thráth is b'ar a dhoirche: scaradh lae is oidhche. Ní mór is féidir le neach do dhéanamh i ngarrdha ná i bpáirc, leis an gcrón-tráth: lé tuitimín oidhche. Ar an moch-thráth bhí gal ar a shimné: an-mhoch ar maidin. Thugadh sé na tráthanna ina throscadh: sealanna móra, fada. Bí amuigh aiste, tá sé tráth éirighthe ag éinne anois go bhfuil fonn air aonnidh do dhéanamh: is mithid éirghe. Rugadh fé iadhadh an tighe tábhairne ortha tar éis trátha: am dleaghthamhail chun dighe do dhíol. B'fhéidir gurbh é lár do leasa é, an tráth budh mheasa leat é: ar an am. Is fusa an t-olc in am ná in an-tráth: nuair bhíonn sé ró-dhéidheannach. An tráth bhí ár Slánuightheóir ar an saoghal: san am go raibh. Fanaidh fad anois, gach nduine ar a thráth: ar a uain: an t-am atá ag dul do. B'é a thráth a bhí tagtha mara mbeadh gurbh é ní bhfaghadh sé bás chómh luath: go raibh a ré caithte.

tráthach: *a.* caothamhail, diaireach. Is maith tráthach a thagann an post: ar an am is ceart dréir cláir. Duine tráthach ná leigeann puinn ar bóiléagar: a bhíos aireach, cúramach, friothálach.

tráthach: *f.1.* duine a théigheas i bhfad gan biadh. Ní mhothuigheann an sáthach an tráthach ocrach: an té a théigheas thar na tráthannaibh gan bhiadh.

tráthacht: *b.3.* caothamhlacht, ionbhaidheacht, séasúrdhacht. Tráthacht a theachta a shaor me, nóimint eile is bhíos báidhte: caothamhlacht: é do theacht ar an am gceart. Mío-thráthacht na haimsire a tháinig leis an bhfóghmhar: gan an aimsir cheart do theacht leis an ionbhaidh. Ní tráthacht an bheith is mó air: ní gnáthach leis bheith in am.

trataidhe: *f.4.* duine leisceamhail, anbhfannach. Budh chuibhe go mór leigeant don dtrataidhe 'ná bheith ag fonmhód fé: iomardamhail. Cad a dhéanfadh an trataidhe sin ná fuil corruighe na coise ann?

tráthaidhe: *f.4.* duine a bhíos in am, a choimeádas am; coileach a ghlaodhas go tráthamhail; duine a bhíos ag tnúth lé n-a chaoi. Tráthaidhe maith é siúd ná bíodh aon eagla ort go leigfidh sé dhuit codladh thar tráth: duine a dhúisigheas in am. Tráthaidhe maith an coileach san, glaodhann sé ar an am gcéadna i gcómhnaidhe: ní éaluigheann an t-am air. Fuair sé beart mar thráthaidhe ar an am: ag coimeád cúnntais ar aimsir lucht oibre. Níor bh'aon tráthaidhe riamh me, dá mb'eadh b'fhuraiste dhom beart d'fhagháil: dá mbudh duine me a bheadh ag faire ar chaoi is ar dhaoinibh go bhféadfadh áis do bhaint asta chun a bhaile féin. An-thráthaidhe an madra san, ní bhíonn sé déidheannach ó aon bhéile: fairtheóir tráthamhail.

tráthamhail: *a.* caothamhail, ionbhaidheach, saosúrdha, moch. Pé rud a dhéanfair nó ná déanfair, bí choidhche tráthamhail, ná bítear ag feitheamh leat: in am: ar an dtairnge. Is an-tráthamhail a thagair ag lorg nuair tá deireadh díolta: mío-thráthamhail. Nách tráthamhail ataoi, nílim-se ach anois díreach éirighthe: moch. Is mío-thráthamhail an duine thu tímcheall do chuid oibre: ní thosnuighir in am ná ní chríochnuighir. Uain mhío-thráthamhail í seo chun aonnidh d'fhagháil i siopa, tá gach aon áit iadhta: níl sí caothamhail agus is lughaide go bhfaghfar. Cuir thart é sin, tiocfaidh sé tráthamhail in oireamhaint: nuair bheidh gábhadh leis. Chuadhas 'on chathair chun teangmhála leis dá bhféadfainn é, tráthamhail go leór bhuail sé liom is gan me ach sroichte: ádhmharach. Budh mhaith an bhail air go bhfuair sé friotháilt thráthamhail do bheadh an cúrsa go dona aige: gur friotháladh in am chóir é.

tráthamhlacht: *b.3.* caothamhlacht, ionbhaidheacht, saosúrdhacht. Dá mbeinn annso in aon tráthamhlacht b'fhéidir go mbéarfainn ar chuid den roinnt: níos luaithe. Ní raibh aon deallramh lé teacht is na daoine do dhúiseacht i mío-thráthamhlacht na hoidhche, ná fuil an saoghal mór ina shuan anois: uain mhío-chaothamhail. Fair an tráthamhlacht: an t-am cóir chun gach nidh do dhéanamh. Bead ann i dtráthamhlacht don dtraen: in am cheart.

tráthas: *f.1.* iar n-uair. Déanfad é idir sin is tráthas: ar ball. Beidh sé ullamh duit i dtráthas, ná bíodh aon imshníomh ort: i gcionn tamaill.

tratanáil: *b.3.* gluaiseacht dhuaidhseamhail, gíotáil. É féin 'sa chos bhacach ag tratanáil tríd an lathaigh: ag gluaiseacht lé duadh. Bead ag tratanáil id dhiaidh, seo leat: leanfad-sa so cí mall. An tuinncéir mná is a scuaine clainne ag tratanáil ina diaidh: ag teacht is d'iarraidh an chos do chongbháil aice. Ag tratanáil liom, sin mar tá agam: ag stracadh ar mo dhícheall.

tratanálaidhe: *f.4.* gíotálaidhe, sodarálaidhe, duine bhíos d'iarraidh teacht suas. Is diail go deó an tratanálaidhe é is an bóthar san go léir do bheith siubhalta aige 'na ghiorracht aimsire: duine coingheallach fé dhuadh. Luathuigh, a thratanálaidhe, is ná bímís ag feitheamh leat: duine a bhíos d'iarraidh teacht ar a dhícheall ach go mall, duaidhseamhail. Níl agat ach tratanálaidhe capaill: capall nách éascaidh: gan líomhthacht géag.

tráthnóinín: *f.4.* i ndeireadh an tráthnóna. Tráthnóinín beag déidheannach is me ag taisteal dom féin: go han-dhéidheannach sa ló. Bhí sé ina thráthnóinín déidheannach agus an solas ag ceileabhradh: lé tuitimín oidhche.

tráthnóna: *f.4.* an tráth den ló ó n-a trí a chlog amach. Is é am duit teacht tráthnóna thiar é: déidheannach sa lá. Táir déidheannach, d'fhanas leis an tráthnóna: go dtí go raibh sé ró-dhéidheannach. Tiocfad tráthnóna éigin den seachtmhain: i ndeireadh lae. An liaghairne agam, go stadfadh sé tráthnóna mór 'e ló d'obair: ina fhíor-thúis. Maidean is tráthnóna bíonn a dhóthain lé n-itheadh aige: i gcómhnaidhe. Maidean is tráthnóna abair do phaidreacha mar dhéanfadh garsún maith: thar éis éirighthe is roim dhul a chodladh. Ní raibh an rath riamh is ní bheidh choidhche ar an ndícheall tráthnóna: an fuadar go léir go déidheannach, mío-thráthamhail. An té go mbíonn an rath (aindeise) ar maidin air bíonn tráthnóna: leanann do shíor é. Tráthnóna indé (airéir) a bhí agat é sin do dhéanamh is ní tráthnóna anocht (indiu), ní dóigh liom ná gur chuma leat é d'fhanacht go tráthnóna ambáireach. Tráthnóna Oidhche Nodlag is tráthnóna Lae Nodlag. Beidh eaga do dhóthain agat chuige um thráthnóna: ar theacht do dheireannaighe an lae seo. An té a bhíonn folamh bíonn boladh an tráthnóna air: is fada leis an dtráthach go dtagann am stada is bídh. An mbeadh sé déanta fé thráthnóna agat?: um an dtaca san. Mol an lá um thráthnóna: ina dheireadh thiar: ná mol éinne go dtí go mbíonn tástáil agat air. Maran b'é am duit stad é, tráthnóna an lae ghil: an-luath. Bhí an phroinn an-dhéidheannach indiu againn, bhí sé go hárd (isteach) sa tráthnóna: i bhfad thar am ceart. Nidh nách féidir iontaoibh do thabhairt leis tráthnóna fóghmhair: bíonn sé taomanach. Ná bíodh aon tsúil chómh luath so agat leis, siúd é préachán an tráthnóna: a fhilleas ar a ghnáthóig go déidheannach. "Tráthnóna agus ar maidin agus san mheádhon laoi, do dhéanfaidh mé urnaighe etc." (Sailm LV. 17). An rud ná bíonn ar maidin air bíonn sé tráthnóna air: gearán éigin do shíor: síorchnáimhseáil.

tráthrach: *f.1.* gais, coinnlínidhe féir. Níl faic lé n-itheadh ar an ngort úd aca ach an tráthrach: an bun thíos cois na talmhan.

tré: (**trí**) *r.fh.* ó cheann go chéile, gabháil trí faid, leithead nó doimhneas; dul isteach i dtaobh is teacht amach ón dtaobh eile; tolladh uachtair aon ruda; gluaiseacht i lár aon ruda; treasna; gabháil de dhruim; feadh; de bhárr, de chionn; lé dearcadh, etc. Tríot-sa do fuaireas an tsúil dhubh so, bheith ag tógaint do pháirte: mar gheall ort. Tríd an sagart a tógadh thar n-ais é: de bharr na headrána a dhéin sé ar a shon. Gaibheann a chuid cainnte tríom, ná bíonn an fhírinne féin ró-dhian: goilleann sí orm. B'é an scian thríd (thrís) an gcroidhe leis (aige) scaramhaint leat, bhí sé árd-cheanamhail ort: ghoill sé go ró-mhór air. Bíonn an tigh ag gabháil tríd nuair bhíonn sé as baile: gnóthaidhe an tighe ag cur tinnis air. An iongadh é do bheith lag is gach aonnidh do bheith ag gabháil tríd (síos): dobuan air. Abair an eachtra tríthe síos: ó thúis deireadh. A raibh agam tá imthighthe uaim tríd is tríd: gach uile phioc. Gan amhras tá lochtaidhe air ar ár nós go léir, ach tríd is tríd ní haon droch-dhuine é: é do ghlacadh idir mhaith olc. Trí olc is maith chlaoidh sé leis: idir. Acht trí olc is maith ní thréigfinn ar an saoghal mór é: d'aindeóin so súd. Ghaibh sé tríd an ngort coirce, ghá phasáil: treasna. An fuacht atá anos ann gheóbhadh sé trí chlár daraighe: thollfadh é: raghadh isteach 'on chroidhe. Léigh tríd síos é: go dtí n-a dheireadh: gach pioc de. Táir ag gabháil tríom nuair chidhim an droich-éadach atá ort: ag goilleamhaint. Cuir an scian tríd: sáthaidh é. Is tríd an dteine atá sé tairngthe aige: lé duadh is mór-shaothar d'éirigh leis. An glór san, gaibheann sé siar 'saniar trím cheann: goilleann sé ar mo cheann. Ar an ndroch-chlódh atá air ní fada ná go dtiocfaidh an chopóg tríd an gcluais

aige: go bhfásfaidh: go bhfaghaidh bás. Thug sé an oiread san náire dhom nách mór ná gur chuir sé tríd an dtalamh síos me: bhraitheas an-chlaoidhte. Thairringeóchadh sé deóir trí chroidhe na cloiche glaise: naoidhe mhór truaigh dob eadh é. Trí leisce agus léic do d'imthigh a chuid talmhan gan aon leasughadh: mar gheall ar an dá nidh sin. Tríd an gcómhrádh dhóibh thairringeadar anuas t'ainm: sa chainnt. Tríd an gcainnt dúinn cé thiocfadh orainn mar bheadh an nimh ar an aithne ach an té go rabhamair ag labhairt air: i rith an chómhráidh. B'fhéidir go bhfaghfá rud éigin uaidh trí chneastacht, ach ná bac tafant: ar bheith cneasta leis. Beir leat na héadaighe sin is tairrng tríd an abhainn iad: sruthluigh iad chun an tsalachair do nighe asta. Thairrng a athair tríd an siopa é: chuireadh sé éadach air ann ó bhathas go trácht. Bíonn sé ag cainnt trí n-a chodladh: ina chodladh. Peacaidhe iad san trí n-a dtuillimíd damaint shíorraidhe muna ndeintear aithrighe ionta: mar gheall air. Raghadh an bitheamhnach cliste sin tríot isteach lé plámás. Dá mhéid a thaisteal sé is dá fhaid ó thíorachas do do choimeád sé an creideamh trís gach aon treóir: d'aimhdheóin gach constaic is cruadhtan is bealach. Trí fheirg do bhuaileas é is ní has mhaoil an bháidh: an fhearg do ghabháil lastuas díom. Trí ghrádh dhi dhéanfadh sé aon rud: le grádh. Ghaibh an oidhche tríom, ní raibh leath mo dhóthain éadaigh orm: chuaidh an fuacht ceangailte isteach ionam. Sáthaidh tríotha: ná bíodh aon eagla agat rómpa: dein slighe ionta. B'shiúd é an lá go raibh farraige ag teacht go féar glas is go gcuirfeadh sé diamhaireacht ort féachaint uirthe, mar sin féin sháthamair tríd: thugamair fé is dheineamair an bheart. Mar bhí ar dtúis, mar atá fós is mar bheidh go bráth trí shaoghal na saoghal: ar feadh. Dá bhfaghadh an chao air níor bh'fhada an mhoill air gabháil trí n-a bhfuil aige: a chuid do chaitheamh. An tsúil do chuir sé tríom: an chuma ghéar, chruinn a fhéach sé orm. Ná bí ag cur na súl tríom-sa, cad tá déanta agam-sa: ná bí ag féachaint chómh géar, cruinn, cómhnaidhtheach san. Chuaidh biorán tríom: do tholl sé me. Chuirfeadh sé an pileár tríom: lámhachfadh sé me. Ionnas go dtiocfadh linn dul go glóire a aiséirghe, tríd an Íosa Críosta céadna, ár dTighearna: lé n-a chómhacht 'sa chabhair. Admhuighim gur pheacuigheas trím chionnta, trím chionnta go ró-mhór: gurb orm féin amháin a bhí an locht. Óir is é is tuarasdal don pheaca bás; acht is é tabharthas Dé an bheatha mharthanach trí Íosa Críost ár dTighearna: lé cóngamh Íosa. Is mithid dom eólas do bheith ar an saoghal agam, ghaibheas trí mhín is trí gharbh: bhuail gach aon tsaghas liom, olc is maith, cruadhtan is aoibhneas. "Trí bhogaithibh, trí choilltibh, trí dhroighnigh lá ceoidh, is siúd mar do sheólfainn-se an druimfhionn donn, óg": treasna: ó cheann ceann. D'imthigh an t-airgead trí n-a mhéireannaibh: leaghaidh sí: d'imthigh sé gan fios a thuairisce. Leanfadh sé trí uisce is trí theine í: tá an-fhonn air chúiche. Is iongtach é cainnt duine do theacht na mílte mílte tríd an aer. A Dhia shíorraidhe, uile-chómhachtaigh, iarraim ort trí athchuinghe na Maighdine Muire suaimhneas na bhFlaitheas do thabhairt dá hanam: as ucht. Trí bhreith ar chúigear fé iadhadh an tighe aige thar éis trátha cuireadh fíneáil air: mar gheall air. Trí gach cruadhtan agus anródh níor dhearmhad sé riamh í cabhair do thabhairt di: nuair budh mhó an bhroid air. Tá gabhtha trís na brógaibh agat anois: caithte gan aire gan truagh dhóibh. Cé go bhfuil sé ag imtheacht trím cheann (inchinn) ní fhéadfainn cuimhneamh air: ag rith im aigne. Dé bheatha sláinte! tair annsan. Bhís ag rith trím aigne i rith an lae: níor fhágais in ao'chor í. Mar a chéile dhuit bheith ag cainnt leis an nduine sin nó bheith ag cuimilt do mhéire de chloich, gaibheann sé isteach trí chluais leis, amach tríd an gcluais eile: gan aon cheann do thógaint de. Trí n-a bheartaibh féin atá sé bocht: dhá dheascaibh féin: mar gheall ar na rudaidhe atá déanta aige. Tríot siar nár chuirir é!: id ghoile go stadaidhe sé. D'imthigh an

deoch trí n-a chuid fola: scéidh sí ina fhéitheannaibh. Trí n-a raibh d'eólas aige chuaigh sé amudha: d'aimhdheóin. Gach nidh a thagas tríd an dtalamh: a fhásas. Is iomdha pingin aige tríd an bhfarraige: bainte aisti. "Sall 'sanall is tríd an abhainn, a chailleach, a mharbhuigheas me, a chailleach a mharbhuigheas me" (duain leanbh). Chonnac féar maith tríd an ngort: ag fás ann. Cuir greim tríd sin: ar a fhaid nó leathad. Féach tríd an ngloinne: lé n-a gcabhair. Ghá stracadh ina dhiaidh tríd an lathaigh: ar a feadh. Tá cathughadh orm trí fheirg do chur ort riamh leis an bpeaca: i dtaobh, etc. Traochadh me, bhí an bóthar ag gabháil tríom: ró-mhaith dhom é do thaisteal. Beartáin a thagas tríd an bpost: a hiomchartar ar an gcuma san. Bainfir amach tríd an ndlighe é lé n-a cómhacht. Ag gabháil trís na leitreachaibh: ghá ndeascadh: ghá léigheamh is ghá n-infhiúchadh. "Óir is uaidh-sean agus tríd sean, agus ar a shon san atáid na huile nidhthe; glóir do féin go síorraidhe" (Rómhánach XI. 36): dá thoradh. Trí chéill, dar leis, a dhein sé é: le breis mheabhrach. Ghaibh an t-eagla trím creatlach: scannruigheas amach 'samach.

tré-: (**trí**) *i gcfbh.* fó thrí, a thrí oiread, go dtrí. Píce tré-mbeann: go mbeadh trí bearra air. Corcán tré-chosach (trí gcos). Trí-chosach: seastán trí gcos. Seamróg tré-dhuileach. Adhmad tré-dhualach: go mbeadh trí sleamhancáin de anuas ar a chéile. Is tré-gháirdeach an bhean í ar ghabháil scéala dhi go bhfuil a fear saor sábhálta: lúthgháireach ar fad. Tré-leaghadh air, an t-alfraits, ní bheadh aon bhás olc a dhóthain do: ceileabhradh iomlán.

treabh: *f.2.* muirear, clann, pór, buidhean, daoine, an baile. Ní bheidh tigh ná treabh rómhat ag an sín mara luathuighir: an tógáil féin ná do líon tighe. An bhfuil tigh nó treabh aige siúd? nó cá gcómhnuigheann sé? Ní den dtreibh chéadna in ao'chor iad cé gur cómh-ainmneacha iad: den ndruing chéadna: ní d'aon fhuil iad. An rabhais ar an dtreibh a bhí ag caitheamh chloch ar mo mhadra?: an dream: buidhean. Ná háirmhigh mise ar an saghas san treabha: ná cuir i gcomórtas le daoine mar siúd mise. An bhfeacaís an treabh?: dream nó buidhean mar bheadh buachaillidhe baile nó parróiste. Tá siad ar an dtreibh is fearr sa cheanntar so: na daoine. Is iad an treabh daoine iad is fearr gur bhuail duine iasachta isteach riamh chúcha: an dream: an bhuidhean. As an dtreibh úd na gadaidheachta a tháinighis is ní maith an earra iad: is uatha shroichis: is dá sliocht thu. É ina bhruadaire ag imtheacht ag tnúthán ó threibh go treibh: ó dhream dream: ó bhuidhin go buidhin ólacháin. Tá airgead ag treabh mhaith is é bheith aca, an diabhal baoghal go mbeid sprionnlaithe fé: daoine. Ní fhéadfadh tigh do bheith ag treabh is fearr: dream daoine: líon tighe. Ní de threabh Thomáis in ao'chor é: de shliocht. Tá treabh dhaoine ann atá an-ghaládnta: daoine de shaghas áirighthe. Ní fheadar cá treabh, cá tír, cá talamh di: cér díobh, cár bh'as í ná cá dúthaigh di. Ar imthighis ód threibh?: ar thréigis an dream go ndeinteá coidreamh leo?: pór. Is breágh an treibh sibh, a mhuinntir an oileáin: an dream daoine a chómhnuigheas i ndlúthchómhgaracht is cómhchoimhdeas. An bhfuil aon treabh agat-sa, go luighfeá leó? nách aonarach ataoi?: drong chun cuideachtan. Cá treabh gur díobh tu?: cad cinidh?

treabhach: *a.* ag sealbhughadh tighe, treibhe, muinntire. Níl sé ró-threabhach geallaim duit, tá sé chómh bocht liom féin: ní leanann mórán tighthe ná buidheanta é. Fear mór-threabhach é sin, tá tighthe, is leathantas, clann is a shliocht aige: láidir: pórach.

treabhachas: *f.1.* buidhean, treabh, cinidh. Den dtreabhachas chéadna an dá líon tighe, i bhfad siar: éacht, dualgas. Níl neach dem threabhachas anois ann: den muinntir gur bhaineas leó. Níl aon cheann des na seantreabhachaistidhibh anois sa cheanntar: des na cineadhachaibh a shealbhuigh an áit i dtúis aimsire. Thar éis na haimsire ar fad ní mór an treabhachas déanta aca is an laochas ar fad a bhí ortha: aon éacht mór. Is baoghalach ná leanfaidh aon treabhachas me: clann: sliocht.

treabhadh: *f.* (*-bhtha*) curadóireacht, iompódh na húire, fód, lé céachda, do dhéanamh clasach, coimheascar, gearradh. Bím ag treabhadh liom dá olcas atá an saoghal ag breith orm: ag coimheascar lé cruadhtan. Ag treabhadh tríd an smachtadh go duaidhseamhail is an t-ualach trom ar a mhairc aige: ag coimheascar leis: ní gan strus atá sé ag gluaiseacht. Bí ag treabhadh leat anois tá sé i mbuille bheith déidheannach, is tá bealach fada rómhat: ag cur díot. Seo treabhadh na mBánach: treabh a bhíodh ag cur 'sag cúiteamh cad ná déanfaidís ar theacht an lae ambáirigh is nuair a thagadh ní dheinidís faic. Bí ag treabhadh rómhat is ná cuir aon chruisteach ar éinne: ag obair leat: ag déanamh mar is fearr is féidir leat. Tá sé ag treabhadh ar na cheithre fichid is dócha: ag druideam leis an aois sin. Ní féidir treabhadh is tiomáint do dhéanamh: bheith i bhfeighil stiúrtha na gcapall is hannlaidhe an chéachda: aon chúram amháin dóthain éinne. An bhfuil do chlann go léir chun treabhtha fós: oighear a mbeatha ionta: iad i ndán a slighe mhaireachtana do thuilleamh. Treabhadh soir agus fuirse siar: fuirse i gcoinnibh an treabhtha ag saothar go dian i dtreó áirighthe agus ar an ndícheall gcéadna ag obair ina choinnibh. Treabhadh seaca nó fuirse báistighe: ní maith iad. Is mór an treabhadh anois agat é: táir tagtha i bhfad ó bhaile. Bhí sí ag treabhadh ar a hinghin do chur san ionad san: beartughadh. Bímís ag treabhadh ar Dhia: ag déanamh ár ndíchill chun dul ar Neamh. Ag treabhadh ar aifreann Dé dhi féin gach maidean: ag triall air. Ag treabhadh 'sag fuirse chaitheann an fear bocht a shaoghal: ag obair ar a chroidhe díchill. Gluaisimís má tá gach éinne chun treabhtha: réidh ullamh. Deóra ag treabhadh a gruadh: ag sileadh is ag fágaint a riain ortha. Treabhadh ró-mhór dho B'l'Áth Cliath do bhaint, tá an cúrsa ró-fhada. "Cúrsa gan feacadh, gan fiaradh, féadfair feasta airís treabhadh, is bascuigh fán mbriadhaigh iarracht amasaidhe gcam". Ní dócha go bhfuil treabhadh na hoidhche ann: go dtéarnóchaidh sé í. Budh dhóigh leat ar a thuirsighe atá sé gurb air a bhí treabhadh na mbánta i rith an lae: obair chruaidh ag briseadh na talmhan. B'í an radharc í, an long mhór ag treabhadh na farraige: ag gabháil tríthe go módhmharach: ghá gearradh ar gach taoibh mar leagann an céachda ar fód. Bíodh t'iomaire ded chuid féin agat lé treabhadh: bíodh gnóth ded chuid féin agat.

treabhadóir: *f.3.* treabhaire, treabhaidhe, treathadóir. Treabhadóir maith capaill. Ní treabhadóir go caolfhód cam: an té a dhéanfadh é sin ní bréag treabhadóir do thabhairt air. Na treabhadóiridhe i gcomórtas lé chéile.

treabhaim: *b.a. & n-a.* iompuighim an ithir, an fód le céachda, téighim ar aghaidh, gluaisim. Treabhaidh an iomaire atá rómhat: déin an rud is ceart duit is ná bac gnóthaidhe iasachta. Connus a threabhfair anois é, is é chómh dorcha fiadhain?: a raghair ar aghaidh ar do bhealach: a mheabharóchair is a thriallfair? Treaibh díreach i gcómhnaidhe dóibh, fág fútha san an cam: bí ionraic leo. Threabhfadh an long san farraigidhe an domhain: gheóbhadh sí tríotha gan aon bheann aice ortha. Treabhfad dom féin feasta, ní bheidh

cómhar ná baint agam lé héinne: raghad ar mo chion féin. Ní fheadar an dtreabhfaidh sé an oidhche? tá árd-dhroch-chrot air: an dtéarnóchaidh?: an gcuirfidh de í? Ní fearra dhom slighe a threabhfad ná mo shoc ar mo ghualainn agam: is é an buidheachas céadna dom é. Fuirseadh sé anois mar a dtreabhfaidh sé: deineadh sé mar is mian leis nuair ná déanfadh sé rud ar dhuine. Is ceart san is ní haon chall é capall do chur mar a dtreabhann sé: duine do dhéanamh an ruda is fearr atá ar eólas aige. An dtreabhfaid, an dóigh leat?: an ndéanfaid gníomh? Nách dóigh leat ná go dtreabhann sé go ró-dhoimhin: go bhfuil an iomad iarnaidhe sa teine aige. "Ní fear bruighne ná bata bhí gem dhaidí dhá thoghadh dhom/ ach fear rómharfadh is ghrafadh is chomáinfeadh is threabhfadh/ is chuirfeadh síol gráinne i gcóir ráithe an lá shamhraidh/ is ní hé an badhbaire fáin seo go ránguigheas 'n-a chlampar". Agus ochón mo bhrón, threabhfadh sé na cruadh-charraigeacha ar do shon: dhéanfadh rud ar bith.

treabhaire: *f.4.* céachdóir, treabhadóir, treathaidhe etc., soláthraidhe tighe. Treabhaire chómh maith is bhuail a lámh riamh ar chéachda. Budh dheacair locht d'fhagháil ar mar threabhaire i gcómhnaidhe ag tarrac chun an tighe: soláthraidhe.

treabhaireacht: *b.3.* céachdóireacht, iompódh fód is ithreach, bainistighe. Ag treabhaireacht liom ar nós na coda eile aca: ag stracadh leis an saoghal. Ar threabhaireacht bhuaidh sé an chéad duais: ar oibriughadh lé céachda. An iomarca capall i mbaile gan treabhaireacht is iomarca ban i mbaile gan abhras: droch-aiste ar chúrsaidhibh é gan amhras.

treabhlacht: *b.3.* buaidhreamh, clampar, imshníomh, amhgar, iarsma, cimiar. Treabhlaididhe ólacháin atá ar ná braitheann sé ar fóghnamh: iarsma atá ag teacht leis. Budh bheag dem threabhlacht a bheadh ort dá mbeinn ar an gclár: dem thinneas, dem imshníomh. Is iomdha treabhlacht gur ghabhais tríd agus a bhuidhe lé Dia gur tháinighis slán uatha go léir: iomard: amhgar. Dá mbeadh sé ag ól thobac go maidean gheal ní chuirfeadh sé treabhlacht air: duadh ná mairg.

treabhtha: *a.r.* iompuighthe lé céachda, deargtha. Gort, fearann, clais, etc. treabhtha: iompuighthe leis an gcéachda. Tá sé treabhtha agat is ní gan duadh é: an t-aistear déanta agat. Ní bheidh an baile treabhtha fén oidhche agam: sroichte, bainte amach. Nuair bheidh oiread fuirse agat-sa is tá treabhtha agam-sa ní bheidh an oiread cainnte agat: athróchair t'aigne nuair bheidh oiread taithighe agat liom: nuair bheidh na bóithre céadna taistealuighthe agat.

treabhthas: *f.1.* teaghlachas (tlachas). Dar liom ná raibh na treabha a tháinig rómhainn chómh mór agus tá teist ortha, féach na treabhthais bheaga d'fhágadar ina ndiaidh: tighthe beaga. Daoine as an gceanntar so a longuigh ann is a dhein treabhthas: tlachas a shocruigh fútha, a shaothruigh an talamh is a dhein áitreamh ann.

treabhthóir: *f.3.* céachdóir, soláthraidhe. Treabhthóir slachtmhar. Treabhthóir maith capaill: a threabhas go suaimhneasach, buan. Beir leat má bhaineann éinne amach go mbainfidh an treabhthóir úd, ní théigheann aon rud dhe: duine lán-dícheallach.

treabhthóireacht: *b.3.* iompódh an fhóid, na cré etc., dícheallacht chun ruda do dhéanamh. Cré mhaith mhín lé treabhthóireacht: lé hionnramháil ag an gcéachda. Is beag den gcré bhuidhe ann, ní théigheann lag air ach ag treabhthóireacht ar rud éigin: a aigne is a thriall ar dhul ar aghaidh.

treachlach: *a.* scaoilteach, caithteach, scaipitheach. Mo thruagh é, is beag é a ghnóth d'airgead, is beag de a raghaidh i dtaisce, tá an lámh ró-threachlach aige: caithteach, laimhthighiseach. Nách treachlach atá do phingnidhe beaga airgid, ar an mbórd, ar bhonn na fuinneóige, etc.: scaipithe, neamh-chruinn. Ná coingbheófá rudaidhe i bhfochair a chéile is gan bheith chómh treachlach: iad do bheith scaipithe thall 'sabhfus.

treachlais: *b.2.* trufais, mí-riar, trangláil, cosamar. Ní íosfainn an treachlais bídh sin dá mbeadh an bás leis an ocras agam: biadh gan aon mhaith. Do chos ní fhéadfá do tharrac ar fuaid an úrláir ag an oiread san treachlaise ag teacht sa tslighe ort: trangláil: útamáil: rudaidhe caithte i ngabhal a chéile. A threachlais, bíonn do chuid éadaigh ar sileadh leat go haon lá éirighir ded leabaidh: duine neamh-ghasta. Ní choidreóchainn an treachlais dhaoine sin dá bhfaghainn Éire saor air, tá a mhalairt de mheas agam orm féin, ní haon chomórtas dom iad: díoscar: cóip: bruscar sluaigh.

tréad: *f.3.* scata, macha, táin, ealta, pobal. Ní bheadh aon bhaint leat féin ná léd thréad agam, ní daoine mar éinne sibh: do bhuidhean: do shórt. Tréad breágh caorach agus sin é féin a n-ainm: scata iomadamhail. "Agus atáid dáimh agus asail agam, tréada agus seirbhísigh fear agus seirbhísigh ban, etc." (Gen. XXXII. 5): ealta, macha ainmhidhthe. "Ann sin adeir Íosa riú, do gheabhthaí uile oilbhéim ionam-sa anocht; óir atá scríobhtha, buailfidh me an t-aodhaire agus scaipfear caoirigh an tréada" (Matha XXVI. 31). Bíonn caora dhubh ar an dtréad is gile: is annamh buidhean gan droch-dhuine ar a measc dá fheabhas iad. "Cheapas ná déanfadh éinne a bhaineas leis ach deagh-bheart" – "seadh, ní bhíonn aon tréad gan raimín": rud suarach, sprionnlaithe. San áit iargcúlta úd chaith sé a shaoghal ag stirúradh is ag teagasc a dtréada: a pobal. Tréad Chríost: an eaglais.

tréadach: *a.* iomadamhail fé thréadaibh. Feirmeóir tréadach tráchtmhar: go mbíonn macha mór bó, scataidhe beitheadhach is caorach is mór-ghnóth.

tréadaidhe: *f.4.* aodhaire, buachaill. Bhí an sagart san ina thréadaidhe eadrainne ar feadh i bhfad: b'é go raibh muirearaighe anam na ndaoine air é. Leitir thréadaidhe an easbuig: a cuirtear le haghaidh stiúrtha na gcriosdaidhthe fé n-a chúram.

tréadaidheacht: *b.3.* aodhaireacht. Furmhór a shaoghail caithte aige ag tréadaidheacht sa taobh thiar de Mhearaice: ag tabhairt aire d'eallach is do chaoiribh.

tréadhanas: *f.1.* staonadh de shásamh nó d'fhaoineadh na dúlach, go mór-mhór feóil do sheachaint. Beidh troscadh agus tréadhanas ar an lá: gan ach cead ádhbhar de bhiadhannaibh áirighthe d'itheadh nó an áirighthe sin béile agus fanacht ar fad ó fheóil cuir i gcás. Choidhche airís déanfad tréadhanas ar an ólachán: seachnóchad é. Agus an dúil atá aige ann is mór an obair do tréadhanas do dhéanamh air: gan bacúint leis. Tréadhanas tola dhom dul ar stailc ocrais: fanacht uaidh.

treagh: (**tradh**) *b.3.* sleagh trí mbeann, gatha. Chuir sé an treagh tríd an mbradán.

treaghadh: *f.* (*-ghtha*) tolladh, polladh. Ag treaghadh an adhmaid le taráthar: ag déanamh puill tríd. An saighdiúir ag treaghadh taoibh ár Slánuightheóra lé sleagh: ghá cur tríd isteach ghá sháthadh. An brón ag treaghadh tríom chroidhe: ag gabháil thríd isteach.

treaghaim: *b.a.* tollaim, pollaim, sáthaim trí. Do threaghaidh na piastaidhe tríd an adhmad: dheineadar puill thríd. Treaghadh an charraig lé drithle: deineadh poll tríthe chun a séidte.

treaghlaise: *b.4.* blomas neamhghalánta, mío-nósach. A leithéid de threaghlaise éadaigh ní fheaca lém shúilibh cinn riamh roime sin ortha idir fhear is mhnaoi ní fhéadfá gan ceann do thógaint díobh: é saor gan puinn mianaigh is mórtas as a chaitheamh. Bórd fial gan treaghlaise: teasbáinteas gan cur leis.

trealamh: (**treallamh**) *f.1.* gléas, ughaim, éide, iorradh, inneall. An capall cogaidh fé n-a trealamh catha: gléas. Cuir an trealamh ar an asal is beir móin leat: ughaim, sráthar etc. Nách beag fuacht a bhíonn air is gan aon trealamh cinn air: bairéad, hata, clúdach. An bhfuil an trealamh iascaigh ar fad lé chéile agaibh: an méid fearais a theastuigheas. Níor fhágadar pioc de threalamh an tighe gan cipeadarghail do dhéanamh de: na rothaidhe: an troscán. Sa chath uathbhásach so is éachtach a bhfuil de threalamh cogaidh dhá chailleamhaint is dhá thógaint: fearas.

treall: *b.2.* uain, seal, speal, taom, taod. Ina threallaibh a dheineann seisean obair: tagann taomacha oibre is annsan stadann. Pé ceasnaidhe atá air is ina treallaibh do thagann sí air: taomacha. Gach re treall ag obair aca: gach éinne ar a uain féin: tamall ag obair is tamall díomhaoin. Lé treall anois ní bhraitheann sé ar fóghnamh in ao'chor: lé tamall. Dá mhéid moladh ag daoinibh air deirtear go bhfuil droich-threall ann: go bhfuil sé de mhianach ann nách féidir muinghin do chur as: go bhfuil taod ann. Tagann treallanna air go ndéanfadh sé aon rud ar shon dhuine, treallanna eile go mbíonn sé ina dhúra dára: amanna féicheamhanta is amanna chómh righin le dair. Tabharfad treall ann: tamall, seal.

treallaire: *f.4.* spealaire, stalcaire, taomaire. Duine cómhshnáthach chun mo ghnótha atá uaim-se is ní treallaire a oibreóchadh 'sa stadfadh nuair thiocfadh a theadh air: taodaire: duine a dhéanfadh speal bhramaigh. Níor mhór duit súile do bheith id chúl leis chun na dtreallairidhe siúd d'fhaire: dream ná déanfadh faic ach fé shúil Mhaoise.

treallán: *f.1.* speal, seal. Tháinig treallán oibre air, dhein sé an méid sin is d'éirigh as annsan: taom obann. Tagann an aicíd ina treallánaibh air is nuair chuireann de í bíonn maith go leór: ina taomachaibh. Stadfainn dá mbeadh treallán déanta agam: speal: ádhbhar.

trealmhuighim: *b.a.* ullamhuighim, cóirighim, inneallaim, tiargálaim. Threalmhuigheadar iad féin go maith maidir lé biadh is éadach i gcóir an turuis fhada: chóirigheadar: lónuigheadar. Trealmhóchad an capall ó n-a chluais go dtí n-a earball:

gléasfad é. Ní gan na milliúin do threalmhuightear arm: a cuirtear ar aiste gléis is líon is armála.

trealmhuighthe: *a.r.* ullamhuighthe, gléasta, inneallta. An bhfuil an tigh trealmhuighthe anois agaibh i gcóir bhur bpósta?: troscán is uile curtha ann. An bhfeacaís éinne riamh trealmhuighthe mar é? cá bhfuair sé an saidhbhreas ar fad?: gléasta, éaduighthe. Arm ró-threalmhuighthe: fearas cogaidh, inneall is lón a leór-dhóthain aca.

tréan: *a.* láidir, feardha, cómhachtach, ródha, dian, mear, cliste. Fear tréan a sheasóchadh an oiread mór-oibre ar bheag-bhiadh: fear iongtach i bhfulang is i neart. Is tréan an buille a thug sé dhom gur chuir sé amach as chródh na dórnála me: go raibh fuinneamh is neart leis. Is tréan an fear thu is foidhneamh an fhaid sin leis 'sa bhfuil de tharcuisne aige dhá thabhairt duit: iongtach. Is oth liom a rádh leat ná fuil sé chómh tréan san lé déidheannaighe: chómh bríoghmhar ina shláinte. Gluaiseann an taoide ró-thréan sa bhealach idir an dá oileán: ró-láidir, ró-fhuinneamhail. Is é is tréine annso chun rámhaidheachta: an-chliste. Is tréan an oidhche í, a fheara, lé digh is cuideachtain: is iongtach ar fad. Farraige ró-thréan indiu chun éinne do dhul uirthi: ró-láidir, ró-bhorbh. Is tréan an t-airgead atá ar mhucaibh anois, gheóbhfá lán do bhaise ortha: mór ar fad. Is tréan an deabhadh atá déanta aca is bheith annso chómh luath san: mór ar fad. "Is iongtach an duine ar pheann é" – "ní tréine é ná tu féin": ní hiongtaighe: ní fearr. Is tréan an rith bhíonn ag girrfhiadh d'ainmhidhe bheag mar é: éachtach: an-mhear ar fad. Is tréan an caitheamh ar airgead ag fear bocht é – céad in aon tseachtmhain amháin: is áidhbhéil. Tuile thréan san abhainn ag scuabadh gach aonnidh roimpe: éachtach, fuinneamhail. Nách tréan an t-airgead é sin d'fhág sé ina dhiaidh: nách mór an méid. Cloisim go bhfuil sé ag fás go tréan: ar chuma a chuirfeadh iongadh ort. Ar bhfeicsint radhairc do dhuine a chuirfeadh áthas air déarfadh sé, "go tréan!" Fágtar ar a bhuille é tá sé ag déanamh go tréan: iongtach. Nuair bhíonn rud ionmholta déanta ag duine deirtear, "is tréan an duine é". Arm tréan ag gach tír aca so fós, ní stadfaidh an cogadh chómh luath san. Is deacair corruighe amach ag an aimsir thréan so atá ann: fiadhain, borb. Thugais tuairm thréan fé, chuiris amach é: tuairm iongtach. Dá thréine duine ní fhéadfann sé teacht ar gach aonnidh: dá fheabhas chun déanta.

tréan: *f.1.* laoch, fear ródha, láidir, calma; déine, flúirse. Ní bhíonn tréan buan - tá an cogadh so ró-láidir ar fad chun a mhaireachtana i bhfad. D'fhág sé tréan airgid thar éis a bháis: éacht: cuid mhór. Ní tréan go tuiteam tuile: níl aon rud is láidre ná é. Leagann an bás an tréan 'san truagh: an duine láidir maille leis an nduine lag. Níl aon chuimse lé tréan na bhfear so, tá gach aon rud dhá dhéanamh aca gan aon chos do chur ortha: éachtacht.

tréan-: *i gcfbh.* láidir, éachtach. Is tréan-áidhbhéiseach an chainnt ó fhear í go mbeadh sé maith a ndóthain d'aon triúr: ró-bhladhgarach. Fear tréan-aigeanta, ní chuirfeadh aonnidh scannradh air: aigne neamh-meathta. Nách tréan-aistearach an t-éan é is teacht an fhaid sin go léir thar lear: thar barr chun taistil. Mara raibh tréan-adhbhar ar leithrigh agat chuige níor cheart duit é do bhualadh: cúis mhór. Nách áidhbhéil í tréan-bhóchna nuair bhíonn sí feargach: an mhuir mhór, fhíor-láidir. Ní thugaim fé ndeara aon tréan-bhearta déanta agat seachas neach eile chun bheith ghod mholadh féin mar sin: bearta éachtacha.

Saighdiúiridhe tréan-bhorba a sheasuigheas is a chuireas cath gan tím: dána, fíochmhar. Ní raibh aon fhulang agam ar na tréan-bhuillidhe a bhí dhá thomhas liom: buillidhe ró-throma, ró-dhiana. Is mithid di éirghe anois, tá tréan-chodladh déanta aice: suan fada, trom. Cuirfidh súd tréan-chodladh ort mara mbíonn béal ciúin agat!: tabharfaidh buille dhuit a threascróchaidh thu. Thugas tréan-chasadh dhom féin gur fhuascluigheas as a ghreamannaibh: casadh fíochda, lán-teann. Baineadh tréan-chor as a chois gur leónadh a alt: cor grod, áidhbhéil. Cailín tréan-chosach seadh í is seasamh lá ar lá ag siubhal: daingean, láidir, buan ar a cosaibh. An tréan-chárnadh fear so atá dhá dhéanamh, a thruagh go deó é: an marbhadh áidhbhéil. Beag mhaith bheith ag cainnt ina choinnibh siúd is an tréan-chlú atá air: cáil mhór, mhaith. Is air atá an t-ádh, ghaibheann tréan-chártaidhe chuige: gur deacair buadhachtaint ortha. Do thréan-chuisle! ní dhéanfainn aon dabht díot: mo cheól thu! Raghadh sé chun cainnte lé héinne cá ngeóbhadh an tréan-chorráiste atá aige: an dánaidheacht gan teóra. Mo ghradhain do thréan-chroidhe! is ionat ná fuil an mheathtacht: croidhe cródha. Ar an ndeabhadh atá ort tá tréan-chúram éigin ar bun agat: cúrsa mór-ghéibhineach. Fear tréan-chuisleannach, thógfadh sé aon rud den dtalamh: an-láidir as a ghéagaibh. Lé coighcíos fada díreach anois tá an ghaoth ag séideadh as an dtreó chéadna, nách tréan-chómhnaidhtheach atá sí ann: do-aistrighthe. Dhein san tréan-chnuasach airgid faid bhí sé sa Stáit, ní díomhaoin a bhí sé: bailiughadh iongtach, dian. Is fada riamh go bhfeaca cuma chómh maith air, tá tréan-chlódh air, an seasamh atá aige is an loinnir atá suas 'na cheannaghthaibh: árd-dheallramh. Tá tréan-choimeád déanta ar a chuid airgid aige, is fíor-bheag de do chaith sé fiú amháin lé gábhtar: greim daingean, dlúith. Níor dhóigh leat go mbeadh sé an aois sin ar an dtréan-chéim atá aige: gluaiseacht mhear, éascaidh. Fágfaidh capaill is cuite tréan-chumhadh air siúd fós má leanann ar an bhfuadar atá fé ag cur a chuid airgid ortha: brón trom, dian. Ní mheallfair mise léd thréan-chleasaibh, a bharránaigh: cleasa glioca, iongtacha. Budh mhaith an bhail ort a thréan-dhúthrachtaighe is bhí sé dhuit, b'fhuraiste breith ar thóin ort mara mbeadh san: dúthrachtach dílis trí mhín agus garbh. Cainnt is fearr atá aige ach dá bhfeiceadh an namhaid ag teacht bheadh tréan-deabhadh ag imtheacht air: deabhadh is deithineas. Budh dheacair an chathair do thógaint is a tréan-dhaingne a bhí a púirt: aidhbhéil láidir. Is mór é a mheas air féin anois agus is rí-shásta atá leis féin, ach bainfear tréan-dhúiseacht as lá breágh éigin: osclófar a shúile go fairsing do. Ná labhair ró-árd, tá tréan-éisteacht aige: éisteacht árd-ghéar. Riamh ón gcéad thurus do thugas ar an áit tá tréan-éileamh agam acht filleadh air: fonn an-láidir. Budh dheacair milleán do chur air toisc gur theip air, thug sé tréan-eitim ar bhuadhachtaint: iarracht fhorasta. B'é toil Dé an tréan-éifeacht a bhí leis an bhfear is gur áitigh seo ortha gan aon rud mío-rothagach do dhéanamh: an fhuaimeant 'san éifeacht ar fad. Ná bíodh aon eagla dulta amudha oraibh, tá tréan-eólas ag bhur stiúrthóir: eólas iomlán. Níl aon bheart a chuir sé roimis ná gur éirigh leis, bhí an tréan-eólas air: mór-chuid de. Tréan-each dob eadh an t-each riabhach nár iarr riamh í greadadh lé spor: each éachtach lé siubhal is buancas. Tréan-fhear a roinnfeadh leat nuair bheadh ceal air féin: fear éachtach: mórchroidheach. Níl deireadh leis na tréan-fhearaibh fós, féach an meisneach atá ortha san chun an chirt do chosaint: fir chródha. An tréan-fhearas do thug an breac 'on bhád, mara mbeadh é do bheith go maith bhrisfeadh sé: an fearas thar barr lé neart is fulang. Cuireann sé iongadh ar gach éinne an tréan-fhás atá fé: an fás borb, mear. An dóigh leat mara mbeadh go bhfuil tréan-fháth do bheith agam-sa leis go ndéanfainn rud chómh híogair leis: cúis cheart. Rug sé isteach go teann air is thug tréan-fháscadh dho a ghoirtigh é: fáscadh nó brughadh daingean. Ar

feadh na hoidhche do bhí tréan-fheóthan ón bhfarraige ann is bhí an long dhá chaitheamh roimis go luath: gaoth an-láidir. Ní fhéachfadh sé san áit a shiubhalóchainn, tá an oiread san tréan-fhuatha aige dhom: fuath doimhin, díomasach. Ní mór d'éinne deagh-chlúdach sa tréan-fhuacht so: fuacht diabhalta. Dheineadar tréan-fhoghail ar an ndúthaigh lé cloidheamh is lé teine, níor fhágadar faic ina ndiaidh ach fásach: luain-scrios. Nách mór an iongadh ná tugair aire dhod chúram féin, maran tréan-fhuadrach ataoi chun bheith ag teangmháil lé daoinibh eile: fonn gan buannacht. Farraige tréan-fhraochda ag baint béicighe as an dtalamh: go huathbhásach, scannruightheach. An tréan-ghábhadh a bheir dom-sa dul ag lorg ar an gcníopaire, mar budh bheag é mo thuairm ar an gcníopaire: an uireasbhaidh ró-dhian. Budh bheag ag duine tréan-ghustalach mar thu cóngamh do thabhairt do bhochtán: saidhbhir, cumasach. Leigeadar tréan-ghártha gáirdeachais nuair bhuaidh a bhfuireann: gártha árda, glóracha. Tabhair aire dhuit féin air, tá sé siúd tréan-ghlic, neamh-scropallach: láidir, cleasach. Faid bhíos an tréan-ghaoth so ann ní féidir cur chun farraige: gála ró-láidir. Cuir uaim do thréan-ghothaidhe, ach dhéin do ghnóth ina cheart: fuadar mór gan aon déanamh. Fear tréan-ghéagach ná samhluigheadh aon duadh in aon rud do: go raibh géaga láidre, acfuinneacha aige. Cuir aon ualach ar a thréan-ghuailnibh is iomcharóchaidh é: guailne cumasacha. Cad chuir an tréan-ghearradh siubhail fút?: cá bhfuil do dheabhadh?: siubhal luath, deithineasach. Nách aige atá an tréan-ghlam, chloisfeá míle ó bhaile é: béic árd, láidir. Bead chughat im thréan-ghluaiseacht: chómh mear, deithineasach agus tá ionam. Ní sheasóchadh aon rud lé tréan-ghluaiseacht na gaoithe úd: an fuinneamh is an neart nimhneach a bhí fúithi. Má dhéin duine riamh tréan-ghníomh b'é an té a sheól ar dtúis tríd an aer anall thar bóchna é: gníomh gaisceamhail. Is tréan-ghníomhach an fear ar do bhéal thu, an rud ná déanfá níl ann: déinir bearta iongtacha. Ar feadh tamaill mhaith bhí tréan-ghreadadh i mbéal an bháide ná feadraís an isteach nó amach do gheóbhadh an liathróid: bualadh te cruaidh. Tá tréan-ghreim ar a chuid airgid aige: ní scarfaidh sé leis go bog. D'aon tréan-iarracht amháin thiomáineadar an doras rómpa isteach: iarracht gur cuireadh neart is fuinneamh léi. Beidh tréan-imirt annsan idir an dá bhuidhin sin, táid an-oilte agus tá fonn ceart ortha chun a chéile: cruaidh, cealgánta. Cad é an tréan-imtheacht so fé anois?: cá bhfuil a thriall go bhfuil an fuadar go léir fé?: gluaiseacht ghothamhail. Sin é an tréan-iomchar agat! féach an t-ualach atá air: an t-iomchar a fhoillsigheas neart agus fulang. A leithéid de thréan-iomrascáil is mar tá idir na cómhachtaibh coimheascair fé láthair níor cuireadh riamh roime seo ar dhruim na talmhan: cómhrac fíochmhar idir shluaightibh láidre. Bíodh is go bhfuil an lámh uachtair dá ghabháil air tá tréan-iontaoibh agam as fós go mbeidh an lá leis: muinghin ná fuil aon amhras ag baint léi. Ní mór an mhaith sluaighte tréan-láidre gan a gcomhthrom d'armáil: lán-neartmhar. Mara mbeadh an tréan-lámh do bheith os a chionn chun a chosca ní fios cad dhéanfadh sé: lámh go bhfuil cómhacht aice. Is an-chosamhail gurb í an tír go mbíonn tréan-loingeas ar farraige aice an tír is cómhachtaighe: breis is neart áthrach. Aon dul ní raibh agam ar bhreith air dá gcuirinn mo bhinid amach, bhí sé ró-thréan-luath ar a chosaibh dom: i bhfad 'si bhfad ró-mhear. Á! dhein an braon san tréan-mhaitheas dom, théidheamhuigh is bhíodhg sé me: árd-mhaith ar fad. Fan fada leat féin, níl an lá fós air, tá tréan-mháidhte i gcúil a dhuirn nár imir sé fós: tá cómhacht i nganfhios aige. Éist liom thu, connus bheadh sé in am, ná raibh sé ina thréan-mhaidin sarar éirigh sé: mórán mór di caithte. Is baoghalach liom ná féadfá an obair do dhéanamh go bhfuil sí ina tréan-mháighistir ort: i bhfad ró-dheacair duit. Budh mhór an obair do cuimhneamh ar na nidhthibh úd a thárla an fhaid sin siar, níor

dhein éinne riamh é ach fear tréan-mheabhrach: go raibh meabhair cinn iongtach ar fad aige. Tháinig tréan-mhian agam dul ann agus nuair tháinig níor bh'fhéidir me do chosc: mian láidir. Má fuair neach riamh tréan-mholadh fuairis uaidh é: moladh thar na beartaibh. Tá fear tréan-mhór ag déanamh díot: mór, láidir, acfuinneach. Níor bh'aon iongadh gur éirigh leis, fuair sé an tréan-mhúineadh, oididhe is leabhartha is eaga aige siar síos: múineadh thar barr. Nách diamhair í an tréan-mhuir nuair mhachtnófá uirthi: mór, fairsing, doimhin. Abradh go héinne a rogha rud ach tá tréan-obair déanta agat ar an ndroch-úirlis a bhí agat agus a ghiorracht aimsire: obair iongtach. Beidh siamsa is ragairne óil is ceóil againn anocht, déanfaidh sí tréan-oidhche: oidhche thar oidhcheanntaibh. Níl aon rud eile dhá chur go bhfuil an oiread tréan-oileamhna innte lé cruithneacht: cothughadh don nduine. Cloisim go bhfuil chúig mhíle púnt sa bhannc aige, agus a thréan-oiread céadna ge n-a mhnaoi: an tsuim áidhbhéil chéadna. Fuair sé tréan-órdughadh bheith ag bailiughadh leis as an mbaile gan ró-mhoill: órdughadh láidir, dána. An stadfaidh na cómhachta so choidhche de bheith ag tréan-phléascadh a chéile: ag tuargaint 'sag léasadh. Sin é an bealach conntabharthach nuair bhíonn an taoide ina thréan-rabharta: go láidir, buileamhail. Níl faic air anois, tá sé ina tréan-rith airís: chómh maith agus bhí sé riamh. Lé tréan-reacht deabhaidh dhearmhad sé an rud is mó a bhí ag teastáil uaidh: aon teóra ní raibh lé n-a dheabhaidh. A dhuine, ní fheadraís ach an tréan-shaoghal a bhí aige ina measc dá gceapadh Dia a shuaimhneas, gan ocras gan easbhaidh: saoghal aoibhinn, iongtach. Is fada a mhairfidh a ainm ag an dtréan-shaothar do dhein sé dá dhúthaigh, an uile lá dá shaoghal ag obair ar a son: saothar mór-luaigh. Baineann an cladhaire sin tréan-shásamh as bheith ag cleith-mhagadh is ag áilteóireacht ar dhaoinibh: sásamh gile gréine. Thugadar tréan-sháthadh, an cúigear aca fén ndoras do chur isteach ar an úrlár, ach thárla sé ró-dhaingean dóibh: iarracht fhorasta ina choinnibh. Níl aon bhaoghal ná go bhfuil tréan-sháthadh déanta ag an mbád san i gcoinnibh an anaithe is na gaoithe: brughadh chun cinn de neart rámhaidheachta. An uile lá is oidhche táid ag tréan-scaoileadh fé chéile agus is áidhbhéil a bhfuil dhá mharbhadh ar gach taobh: ag caitheamh ar a chéile go fíochmhar. Tréan-shliocht ar fuaid Éireann Muinntir Mhurchadha: táid an-iomadamhail. Tá an tréan-scoláireacht air, is a rian ar na leabharthaibh atá curtha amach aige: mór-chlisteacht. Theip go mion minic air go dtí ar deireadh thiar thall gur thug sé tréan-sciúird gur árduigh leis a raibh ann: iarracht lán-thapaidh lán-láidir. Lé tréan-shearc do d'fhan sí na bliadhanta buana leis cun a phósta: trom-ghrádh. Is cuma liom cad deir neach sa tsaoghal, tá tréan-shásamh déanta agat leó is an scata díomhaoin sin do chothughadh: fulang is foidhne. Ní sheasóchaidh neach an tréan-shíon so má leanann air, a leithéid d'fhuacht is de ghaoith, is de bháistigh: síon áidhbhéil lé neart is olcas. Tonnta na mara ag tréan-shiosma fém bhun síos dob áidhbhéil is budh chorruightheach an radharc iad: dhá síor-shuathadh. Tréan-shiubhal d'aon fhear bán cothughadh do choimeád ar fiche míle sa ló: siubhal iongtach. Táim go tréan-shláinteach gan mairg gan gearán: ar fheabhas ar fad. Beag an mhoill ar a thréan-shlogadh so an t-árus úd do dhiúgadh: slogadh gan teóra. Beidh tréan-shluagh fear agam ann chun do chosanta, ná bíodh ceist ort go n-éireóchaidh mágáine dhuit: scata láidir, meisneamhail. Ná bíodh aon mhilleán agat air gan é do theacht, tá tréan-smacht ge n-a mhnaoi air: smacht cruaidh diachrach ná leigfeadh chun siubhail é. Ná bíodh aon cheist ort ná go bhfuil tréan-shaothar déanta agat ar a luighead cabhrach a fuairis agus an bhroid a bhí ort: obair nách féidir gan a moladh go hárd. Siúd é an buachaill ná beadh ag luighe thíos fés na daoinibh, go bhfuil an tréan-spreang ann: an smuirt 'san meisneach chun é

féin do chur in iúil. Scuabfadh an tréan-tsruth léi chun farraige thu, nuair bhíonn gaoth léi: taoide bhuile. Táid ag tréan-shuathadh a chéile lé gach saghas armála agus is mór é an t-ár dá chionn: ag gabháil ar a chéile go fíochmhar. Fágtar mar a bhfuil sé é, tá sé ina thréan-shuan is an saoghal mór ní dhúiseóchadh é: codladh trom, marbh. Connus raghadh sé amudha is an tréan-thaithighe ar an áit aige: taithighe fhada, eólgaiseach. Thabharfadh an tréan-thalamh so aon rud: saidhbhir, maith, torthamhail. Beid ag tréan-tuargaint a chéile go gclaoidhfear taobh éigin aca: ag gabháil stealla ar a chéile go dúluighthe. Ní fada bheidh an corcán thíos, tá tréan-theine fé: teine go bhfuil teas is greadadh aice. Ní dócha go dtéarnóchaidh sé an oidhche, tá an tréan-thinneas air: tinneas atá ró-mhaith dho. Tréan-thiomáint ar airgead aca: a ndóthain lé tuilleamh lé caitheamh de. "Tréan-thuile tláis trí lár mo chroidhe", ars an té go raibh brón air. Bheadh a thón anáirde mara mbeadh an tréan-thaca a bhí aige chun cabhartha thiar leis: cóngamh thar barr. Is mór an tseilg atá agat léd ghunnaidhe, cár dheinis an tréan-threascairt?: an t-ár ar fad. Na tréan-tonna beag-bheann ar éinne: láidre: fiadhaine. Gheibhtear an t-Éireannach i gcómhnaidhe i dtréan-treasaibh na dtreón: ar na buidheantaibh is treise agus is dáine. Mo thréan-thruagh thu, a bhean bhocht, ní hiongadh duit a bheith brónach: truagh mhór. Na tréan-uiscidhe a ghluaiseas ós na sléibhtibh ann nuair leigheann an sneachtadh ní féidir an talamh do thaisteal aca: sruthanna móra, láidre. Nách agat atá an tréan-ughdarás ag órdughadh ar gach éinne is gan aon bhuannacht agat: tighearnamhlacht is teidealacht thar meón.

tréanas: *f.1.* cómhacht, neart, cródhacht. Lé tréanas a ghéag chosain sé é féin ar a raibh d'iarraidh a dhíoghbhála do dhéanamh: neart iongtach. Lé n-a dtréanas a dheineadar gach cath do bhuadhachtaint: cródhacht.

tréanmhar: *a.* an-láidir, cródha. Fear tréanmhar i lár páirce in imirt, dá mbeadh seisear móirsheisear ina choinnibh ní chuirfidís aon mhairg air: láidir, meisneamhail. Bíonn an mhuir thréanmhar ró-mhaith dos gach éinne: go bhfuil an neart thar barr innte.

treas: *a. uimh.* an tríomhadh. D'éirigh sé an treas lá ó mharbhaíbh. An Treas-Phearsa den Tríonóid Ró-naomtha.

treas-: *i gcfbh.* an tríomhadh, an-, tonn-. Seadh is cuma liom cad é an clódh óg atá air, nó ná fuil air, tá treas-aois aige, bhí sé ina bhun-fhear is me im leanbh: i ndeireadh mheádhon aoise. Tá treas-aithne agam air, ní dóigh liom gur féidir lé héinne puinn eólais do thabhairt air dom: aithne mhór. Caithfir breis chlóidh bóthair do chur ort féin, tá treas-aistear maith rómhat: aistear fada a dhóthain. Is mithid di pósadh anois, tá sí ina treas-mhnaoi: isteach go maith ins na bliadhantaibh. Treas-bhean ná hiarr ciodh sleamhain sleasaidh ath-mhná: bean a bheadh tonn-aosta. Táid sin ina dtreas-bhrógaibh maithe fós: má táid aosta féin nílid go holc. Is tú an treas-bhleáigeárd is cruisteach do dhéanamh ar sheanduine: ceann toghtha. Fuair sé treas-chantam den arán agus níl aon chúis ghearáin aige: cantam taithigeach. Bhuail sé agus d'aith-bhuail agus threas-bhuail: uair, dhá uair, trí huaire. Tá treas-chasóg aige a bhéarfadh isteach ar leacaibh an bhaile mhóir é: casóg maith a dóthain lé caitheamh. Chugham-sa tháinig an t-aon ar an dtreas-chárta: an tríomhadh ceann do scughadh chugham. Is fairsing do bhriathra agus is treas-chumhang do dhóirne: mórán geallamhna beagán gnímh. Bítear treas-chneasta leis, ach ní shásuigheann san é: cneasta go maith. Níl sé ró-olc, is níl sé ró-mhaith ach treas-chóta

maith do mhnaoi tímcheall a tighe seadh é: cóta cosamhail dá chúram. Treas-chapall maith fós é chun oibre ach gan an iomad bóthairtheóireachta do bhaint as: ainmhidhe gur deacair a lochtughadh is a aois. É de mheas aige siúd air féin go bhfuil sé treas-chliste: mós cliste do mórchuid. Cuir uaim an treas-chnáimhseáil, níl aon chall ná ciall léi: iomad cnáimhseála gan chúis. Ní ceannuighthe atá sé ach ath-cheannuighthe, treas-cheannuighthe: an tríomhadh huair. Táir treas-chráidhte adéarfainn ar an dtochas cinn atá ort: cráidhte do dhóthain. Níor mhaith liom gabháil lé hainmhidhe treas-chrosta mar é: mós crosta. Doras treas-dhaingean é sin a sheasóchaidh tamall maith: daingean go maith. Bhítheas treas-dhian air, mhuis, cad tá ann ach garsún óg fós: níos déine 'ná mar budh cheart do bheith. Dá mbeadh an treas-éifeacht in ao'chor leis ní dhéanfadh sé nidh a bhascfadh é féin: aon tsaghas. Cloisim go bhfuil treas-éileamh aca ar a chéile, ach go bpósfaidís ní fheadar: éileamh mós cuibheasach. Bearrfaidh sí sin anois neach ar bith is an treas-fhaobhar atá uirthe: faobhar géar, líomhtha. Bíonn sé treas-fhriothálach orm, ach sin a mbíonn: cuibheasach. Táir treas-fhliuch as do cheann ná raibh aon bhairéad agat a chuirfeá ort: mós fliuch. Táim treas-ghábhtarach lé digh, tá an-thart orm: gábhtarach go maith: d'oirfeadh deoch dom. I dtosach na broide bhí treas-ghainne plúir ar na daoinibh: mhothuigheadar a cheal go maith. Gheóbhfá treas-ghalánta uaireannta é: cuibheasach galánta: dhéanfadh sé cion fir. Lá ró-threas-gharbh do bhád bheag é seo: i bhfad rógharbh di. Ní fheaca riamh thu ach treas-ghruamdha, cad bhíonn ort seachas an saoghal mór: gruamdhacht gan chúis mhór léi. Ní haon mhaith dhuit-se bheith ghá cháineadh, thug sé treas-iarracht mhaith fé n-a dhéanamh: iarracht fhoirteamhail. Chuir sí a hinghean i dtreas-ionad ná beidh aon easbhaidh uirthi ann: ionad réidh, neamh-spleádhach. Is cuma leis anois ó tá a bholg treas-lán aige, is gan aon mhairg eile air: lán ar a thoil. Cuir uait, treas-laoch fir seadh fós é, choimeádfadh sé ceann cuinge leis an gcuid is fearr aca: fear go bhfuil déanamh is gníomh fós ann. Ní thaidhbhsigheann sé go bhfuil an saoghal ag éirghe go ró-mhaith leis ní fheicfeá air ach éadach treas-lom: lom a dhóthain. Dréir na bpáipéar beidh treas-luach ar stoc ambáireach: maith. Treas-lúbaire maith seadh é, níor mhaith liom puinn iontaoibhe do chur as: níl puinn ar an dtaobh amuigh dá chuid lúbaireachta. Níl sé ach treas-mhacánta, ní bheadh sé mar sin féin mara mbeadh an eagla: ádhbhairín. Fágadh treas-mháchail air de chionn a lúbaireacht, go mb'fhéidir go mbeadh tamall maith airís ann sara gcuiridh sé cor dá bhuaraigh: goirtigheadh é oiread agus mhóthóchaidh sé. Treas-mhadra maith seadh fós é, bhí sé go maith tamall, ámhthach: tá ádhbhar maitheasa fós ann. Connus a dhéanfainn an cluiche má bhí treas-mháidhte féin agam: ná raibh ar olcas is ná raibh ar fheabhas ar fad. Bhíodh treas-mhála thiar i gcómhnaidhe ar pé rud a bhíodh ann aige: mála go mbíodh ádhbhar taidhbhse aige. Dhera mhuise, léan air mar sheanduine, is iongtach a rádh gur phós sí fear treas-mhaol mar é: maol go maith. Fuairis ar threas-mhargadh é mar ar thugais air ach púnt do bhíodh chúig phúint air: margadh an-shaor. Dá luighead é tá treas-mheádhachtaint ann: cuid mhiath truime dá thoirt. "Ar moladh mise leis?" – "tugadh treas-mholadh dhuit": ann as. I lár ar bhuail eile riamh liom is tú fear na dtreas-órduighthe: órduighthe teidealacha. Maidir lé duine gan taithighe ar labhairt thug sé treas-óráid uaidh: ceann measardha maith. Nách tú an treas-óinseach is do chuid do chaitheamh mar sin gan féachaint rómhat: ceann críochnuighthe. Tá milleán ag dul duit-se chómh maith lé duine, bhís treas-pháirteach san obair ait seo: dheinis cion maith di. Is fada ina treas-pheata ge n-a máthair í: peata beag ceart. Sin treas-phort maith dhá sheimint anois aca, duine an-cháiréiseach ná rinncfeadh leis. Deineadh treas-ráidhteachas de rud nár ghábhadh: an iomad cainnte. Níl ann ach

treas-rinnceóir, ní bheadh aon chúram ar chomórtas oireachtais aige: ná fuil ar fheabhas an domhain. Chuaidh an chainnt trí threas-lár mo chroidhe: ó thaobh taobh. Bhíomair nách mór treas-shásta leis de bheith ag ól nuair dúnadh an tábhairne: ní mór ná go raibh ár ndóthain againn. Beidh ainmhidhthe treas-shaor ar aonach an tSathairn: chómh saor is ná beadh cúis ghearáin ag éinne a bheadh ag ceannach. Ní deacair an bob do bhualadh ar dhuine treas-shaonta mar é: gan puinn. Ná creid é níor dhein sé orm ach treas-thafant mar b'fhearr leis go mór gan me do dhul leis: lag, neamh-dhian. Tóg an t-uisce seo tá treas-téidheamh air: an oiread is dhéanfaidh an bheart. Ná bac réidhleán, bheadh sí ró-láidir, déanfaidh treas-theine an gnóth: teine ná beadh ró-the. Fuaireas treas-thuargaint ón seisear aca d'iarraidh me do chongbháil amach as an dtigh: suathadh maith. De gharsún bheag mar é bhí sé ábalta ar threas-ualach d'iomchar: ualach trom go leór dá leithéid. Seadh, mhuis, tá an fear bocht treas-uasal dá mbeadh gustal aige air: níl aon rian den sprionnlaitheacht ag baint leis. Duine treas-uasal, treas-íseal: i ndán coidrimh na coitchiantachta do dhéanamh.

treas: *f. & b. 2. & 3.* rang, líne, seal, babhta, greas, ruathar. Táim i dtreis leis na daoinibh sin faid is tá cuimhne agam is caithfead admháilt ná fuaireas locht riamh ortha: i gconbharsáid leo. Bheadh eagla orm dul ina threas tá cuma ró-ghoirgeach air is ní haon iontaoibh ná go n-éireóchadh sé chughat: aon bhaint do bheith agam leis. Nuair ná héisteóchaidís lé cómhairle is stad dá gcaibideal d'fhágas annsan i dtreis a chéile iad: ar a mbeartaibh. Mo thruagh go dealbh an bhean bhocht atá i dtreis leis an meisceóir, is í ná fuil suaimhneas ná subháilceas oidhche ná lae aice: ag bruic leis: d'iarraidh foidhneamh is fulang leis. Bheadh sé i dtreis na mbliadhan go maith dá maireadh sé go dtí so: ceangailte isteach ionta. Ná bí in aon treas do má thógair mo chómhairle: ná bíodh aon choidreamh ná conbharsáid agat leis. An raghfá i dtreis an chárta san do chaitheamh dá mbeifeá im bhrógaibh: an raghfá ar a iontaoibh. Budh mhór an náire é do bhaint de is é i dtreis leis: gan aige ach é. Bhíodh rud éigin eile sa treis aige seachas teacht ag aeridheacht annso: bun éigin eile aige leis: rud éigin eile sa cheann aige. An dá arm i dtreis a chéile go fiadhain lé coighcíos: ghá fhéachaint go tréan lé n-a chéile. Cad tá i dtreis agaibh go dtángabhair an t-am so d'oidhche?: cad tá ar bun?: cad tá fúibh a dhéanamh?: cad í an mhairg atá oraibh? Táim i dtreis ama: géibhean aimsire orm. Chuir duine éigin muinnteardha ina threis me, mara mbeadh san bheinn dá cheal: ina threó: san ionad go raibh cao ar é d'fhagháil agam. Tóg mo chómhairle is ná cuir thu féin i dtreis ina ghnóthaidhibh: ná déin aon rud do mheascfadh thu ionta. Is deacair dom cúladh anois nuair táim ina dtreasaibh: ar a mbuidhin. Chuir sé treas mhór aighnis as, aighneas bunamhail gur éist gach éinne go cúramach leis: óráid fhada. Caithfir treas eile do chaitheamh ag gabháil de, níl deireadh déanta fós agat: seal. Budh thiugh, te an treas dóirneála é sin, deirim-se leat gur thugadar greadadh dá chéile: greas, babhta. Beidh treas eile ar an gcathair sara dtuitidh sí: cath: babhta cómhraic.

tréas: *f.3.* feall, mí-ghníomh, dío-chúis, fealladh. Ní haon tréas duit é an fhírinne d'innsint, is cuma cé air gur luigh sí: gníomh a thabharfadh aithis duit. An tréas a rinneadar ar an stát budh cheart carcar do thabhairt dóibh mar gheall air: beart fill. Tréas ceart scéidheachtaint ar a chómrádaidhthibh: feall-bheart. An bhfuil aon tréas lé cur im leith? cathain dheineas dío-chúis ar éinne?: gníomh mío-thaithneamhach.

treasaidheacht: *b.3.* coimheascar, ionsaidhe. Raghaidh an treasaidheacht atá idir na cómhachtaibh chun righne ar an gclódh atá ortha agus an neart ar fad atá ionta: an gleódh: an coimheascar. Bím i dtreasaidheacht lé haindeise éigin i gcómhnaidhe: ag coimheascar: d'iarraidh an lámh uachtar d'fhagháil uirthi. Ná bíodh aon treasaidheacht agat leis, mar nách duine d'éinne é, seachain a leithéid: aon iomaidheacht ná conbharsáid. Tá treasaidheacht annsúd is tabharfaidh sé uaidh é: cómhrac.

treasáilt: *b.3.* d'árdach anáirde mar mhuilchirtidhe ar ghéagaibh, ualach ar dhruim, etc., treascairt, tuiteam. B'fhuraist aithint an droch-fhuadar fé nuair chrom sé ar a mhuilchirtidhibh do threasáilt: d'árdach chun scóip do bheith aige. Níor mhór duit crios ar do thriubhas chun a threasála, óir ná fuil gealarsaidhe ort, neachtreaca straoilfidh sé dhíot: chun a choimeádta anáirde ón dtalamh. Baineadh é ar an lic shleamhain, baineadh treasáilt mharbhthach as: tuiteam gránda gonta. Sa tsioc bhíos dhá threasáilt chómh tapaidh agus d'éirighinn, deineadh feile-chaoch díom: tógtaí liom go hárd den dtalamh is síntí go breágh, galánta. An mheisce a bhí ghá threasáilt, an t-aindeiseóir: ghá leagadh: ag tabhairt na talmhan do. Thug an máighistir treasáilt do, mar bhí sé an-mhío-mhúinte: bualadh. Nár bh'éachtach an treasáilt thug an fharraige don gclár raice gur chuir sí go féar glas é: tiomáint. An lá hadhlacfar thu tabharfam treasáilt ar ghuailnibh fear duit: iomchar árd fuinneamhail. Bhíodar ag treasáilt a chéile in imeall an uisce agus an oiread san guimh ortha chun a chéile gur fhóbair don uisce iad do mhúchadh gan iad ghá thabhairt fé ndeara: ag leagadh is ag iomlosc. Bhíos ar mo dhícheall ag treasáilt an ualaigh ar mo chomrádaidhe nuair rugadh orainn: ghá árdach ar a dhrom.

treasálaim: *b.a.* árduighim muilchirtidhe, etc., treascraim, leagaim. Threasáil sé bunaidheacha a thriubhais ón salachar: d'fhill suas iad. Threasáil sé me gach aon uair dár thug sé guala dhom: thóg den dtalamh me is threascair. Treasáil do mhuilchirtidhe is cuir clódh oibre ort féin: árduigh suas go huileannaibh iad. Treasáil an t-ualach orm, seadh is fearr d'iomcharóchad é: árduigh ar mo dhrom é.

treasálta: *a.r.* árduighthe go trioplach, tógtha ó thalamh, treascartha. Chuirfeadh sé sásamh ar do chroidhe féachaint uirthe ag nighe an ime, an bhean chumasach, dhathamhail seo is a géaga treasálta aice: muilchirtidhe a cuid éadaigh árduighthe anáirde aice. Ag marbhadh bhreac dúinne, garsúin, bhíodh ár dtriubhasa treasálta go glúinibh againn ón abhainn: árduighthe. Budh ghleóidhte leat í ag cur na sráide dhi, a cuid éadaigh go gasta treasálta uirthe: go trioplach, slachtmhar; gan aon phioc de ar sileadh léi. In iomarascáil budh mhinic me treasálta aige ach dá aindeóin sin ní bhíodh aon eagla orm dul i dtreis leis: treascartha: leagtha. Is minic treasálta ag an máighistir é gan a cheachta do bheith saothruighthe aige ach sé an dá mhara chéile é, bíonn sé chómh failightheach is bhí sé riamh: bualadh fachta aige. Dá mbeadh na rudaidhe seo go léir treasálta ina gceart thiar ar mo dhrom seadh dob fhusa dhom a n-iomchar: curtha ar a chéile go gasta, cruinn.

treascarnach: *b.2.* trufais, cnocán brúscair, blodhtach briste; ciolarach; cosamar. Níl aon chathair a hionsaidheadh ón aer sa chogadh so ná gur fágadh treascarnach innte, maidir lé tógálachaibh leagtha: cnocáin trufaise. Fostuigheadh mórán mór fear chun na treascarnaighe do scartadh is do chartadh as an áit: bhí na sráideanna teanntuighthe aice.

treascach: *a.* dríodarach; sceanairt. An treascach bídh a fuaireas ann ní thabharfá dod mhuic é: trufais bídh. Cad atá agaibh dhá thabhairt dom ar mo chuid airgid ach treascach – práitín nó dhó, oiread feóla is ná caochfadh mo shúil, spíonóigín ghabáiste, is mar sin: dríodarach.

treascairt: *b.3.* leagadh, tuiteam, claoidhe, cur ar lár; coscairt; marbhadh. Baineadh dathad treascairt asam ar an ngort sleamhain, bhíos ag sleamhnughadh gan aon stad: leagadh: tógtaí dem bhonnaibh me agus síntí ar an dtalamh. Ar fheicsint na muice breágha don bhfear dúlmhar ar crochadh thar éis a marbhtha is é adubhairt, "is breágh an treascairt í (atá aice)": ina marbh di is taithneamhach don súil. Na céadta mílte fear dhá threascairt an uile lá sa chogadh gráineamhail seo: dhá bhaint dá dtreóir: dá mharbhadh nó dhá leónadh. Táir, dar liom, ró-cheanamhail ar an bhfarraige is gan tu aireach do dhóthain, tá eagal orm gur aice bheidh do threascairt: do chur ded threóir: gur léi a thuitfir, go mbáidhfidh sí thu. "Nó an ghailteann ghrinn do bhailigh Naois tar sáil i gcéin. Thug treascairt laoch i gcath na Craoibhe is ár na gcéad": a gcur ar lár. Gheobhair treascairt as an iallait mara mbír aireach ort féin agus do ghreim do choimeád: leagadh: tógadh leat. Maoidheann taobh aca go bhfuil an chéad treascairt bainte aca san ath-nódhachtaint seo catha: an chéad ghreas buaidhte aca. Budh mhór an chao ionsaidhthe a namhad do fuair an Ghearmáin thar éis treascartha na Frainnce: raon: maidhm: tuiteam. Níl aon treascairt bainte ag an aois fós agat, tá cuma chruaidh, dhaingean fós ort: aon bheárna curtha aice ionat. Fuaireas an chasóg ar leath-threascairt, mar bhí reic ar siubhal sa tsiopa: ar leath-luach. Más fíor na páipéir tá treascairt mhór ar stoc an mí seo, ní mór is fiú atá ortha. Nár mhór an treascairt d'fhear gan tuairm fiche breac do bheith aige thar éis an lae: marbhadh. Táir-se ag treascairt na dighe anois, ach treascróchaidh sí thu: béarfaidh chun talmhan trí mheisce: ghá cur as radharc, ach sínfidh sí thu.

treascarthach: *a.* leagthach, marbhthach, sínteach, ármhar, coscarthach. Taobh faille nuair bhíonn an féar tirim, sleamhain bíonn sé árd-threascarthach: ní mór an mhoill aige daoine do leagadh. Budh dheacair dúinn aonnidh cóir do dhéanamh is na hairm threascarthacha do bhí in ár gcoinnibh, mar bheadh sceana in aghaidh cloidhte: marbhthacha. Níl aon imirtheóir eile ar an bpáirc lé teacht treasna ort is treascarthaighe 'ná é, bí aireach air: is mó a bhaineas leagaidheacha as dhaoinibh nó is fearr chuige. Thug sé sáthadh treascarthach dom agus mara mbeadh a phraitineamhla bhíos ar mo chosaibh bhíos aige: a bhí in inmhe me do chur ar lár. Cú threascarthach atá aige, is annamh girrfhiadh a thugas na cosa uaithi: marbhthach: in inmhe an fiadh do bhaint dá threóir. Ná hól puinn eile den ndigh sin, tá sí treascarthach: claon leis an dtalamh do thabhairt do dhuine: ró-mheisceamhail, ró-mhearbhallach.

treascarthóir: *f.3.* sínteóir, coscarthóir, marbhthóir. Treascarthóir maith con: cú gur beag den bhfiadhach a bheireas na cosa uaithi. An bás an t-árd-threascarthóir: beireann sé an lá ar gach éinne. Maidir lé hólachán, níl aon treascarthóir ag an bpóitire i gceart ach an beathuisce: a thugann an t-úrlár chómh luath dho ná chómh goirtightheach. Is baoghalach gur treascarthóir caorach an madra san agat: go marbhuigheann sé iad i nganfhios. Ní haon treascarthóir an dubhán san, tá an colg ró-mhaol air: níl go maith chun beartha ar iasc. Na cránta iarainn seo cogaidh na treascarthóiridhe - ní fhágaid aon rud os chionn

talmhan ina sheasamh gan leagadh: scriostóiridhe. An t-ólachán treascarthóir mhórán daoine: millteóir.

treascraim: *b.a.* leagaim, sínim, millim, coscraim. Threascair an bás airéir é: shín: d'árduigh leis é. Ní hí an deoch a threascair é ach an barra thuisle do baineadh as: a chuir ar lár é: a thug an talamh do. Is minic do treascradh fear maith i gcac bó: gur baineadh a bhuinn uaidh is gur leagadh ar an dtalamh é. Ná treascartar thu!: seachain ná tuit is ná leig do neach tu do leagadh. Treascradh an Fhrainnc níos túisce 'ná mar ceapadh don té budh neamh-mhuinghinighe: cuireadh dá treóir í. Annsan díreach do threascair an chú an girrfhiadh: a leag sí é. Ní raibh aon lá riamh ná go dtreascróchadh an iomad dighe thú: go dtabharfadh an talamh duit. Tu féin do namhaid féin agus is tú do threascróchaidh thu féin: a mhillfidh: a chuirfidh ar lár thu. Má treascaradh d'éirigh: má leagadh: baineadh dá bhonnaibh: deineadh a dhíoghbháil. Sin speal a threascróchaidh arbhar: a ghearrfaidh mórchuid de. Threascair an aicíd oiread agus do treascradh tríd an gcogadh: chuir 'on úir. Treascair do chuid deór anois ar a bhfuil de thruagh ag éinne againne dhuit: sil iad. Chuir sé cor coise fúm is threascair sé me: thóg "mo chrúibínidhe os mo chionn". B'iongtach an t-iascaire daradha é, threascradh sé iasc mar budh mhaith leis é: mharbhuigheadh.

treascartha: *a.r.* leagtha; curtha ar lár; claoidhte; marbh; sínte; coscartha. Nílim ach treascartha aon uair amháin fós agus níl buaidhte orm: curtha chun na talmhan. Ní raibh crann ar an luing ná go bhfuil treascartha ag an ngála: briste, bainte dhi. Bheadh sé in am anois an t-arbhar do bheith treascartha, is fada aibidh é: bainte. Tá sé treascartha ag an gcodladh, caithfear leigeant do féinig go ndúisighidh sé uaidh féin: sínte: an fear maith fachta air. An t-ainmhidhe treascartha ar mhío-chomhthrom is ná féadfadh éirghe: leagtha ar an dtalamh ná féadfadh é féin d'ionfairt chun éirighthe. "'s dá bhfeicfinn-se, mar shamhluighim, na samharlaidhe treascartha/ do bheid lampaidhe ar lasadh agam lé h-éigean spóirt": sínte ar lár. Ní mór ná go bhfuil an lá treascartha againn, sin í an ghrian ag dul fé: curtha isteach, sa chipín. Go maithidh Dia dhom é ní fheadar ar bh'fhearr liom treascartha nó ina bheathaidh é: marbh.

tréaslughadh: *f.* (*-uighthe*) do dhéanamh gáirdeachais lé, do ghuidhe na maitheasa do, do luadh lé; cómhgháirdeachas; cómhmholadh. Ní dhéanfainn a phósadh do thréaslughadh dho agus do bhí olc an domhain air ina thaobh: áthas is rath do ghuidhe dho. Chuir sí fearg orm; ar mhaith leat-sa bheith ag tréaslughadh an bháis leat an uile nóimint den lá?: ghá luadh. Ar an slighe bhís ag cainnt cheap sé go rabhais ghá thréaslughadh leis gur b'é thóg an t-airgead: ghá shamhlughadh leis. Fuair sé tréaslughadh an domhain as inghin óig do bheith ge n-a mhnaoi: moladh is deagh-ghuidhe.

tréasluighim: *b.a.* déinim cómhgháirdeachas lé, luadhaim lé, samhluighim lé. Níor thréasluigh oiread is neach a phósadh leis: níor luadhadar leis go raibh áthas ortha, ná níor ghuidheadar maise dho. Thréasluigheas an gradam a fuair sé leis: luadhas leis gur chuir sé áthas orm agus gur bh'í mo ghuidhe go mbeadh an rath air. Bheadh a fhios agat go tapaidh cad é an tor do thabharfadh súd ort dá dtréaslófá an bás leis: a luadh: a shamhlughadh: a tharrac chuige.

treasughadh: *f.* (*-uighthe*) do theacht reasna ar, d'ionsaidhe, dul i gcoinnibh, do cheistiughadh. Ná bí ag treasughadh orm an uile chor, leig dom focal éigin cainnte do rádh: ag teacht treasna orm chun me chosc ar dhul ar aghaidh. Éirighidh as an achrann so, b'fhearra dhíbh scaramhaint lé chéile ar fad 'ná bheith ag treasughadh ar a chéile ar gach aon chor is ar gach aon ócáid: ag cur i gcoinnibh a chéile. Ní maith liom bheith ag treasughadh ró-mhinic uirthi, mar bean mhío-ghnaoidheach thar meón í: ag cur isteach air ar an chuma. Bead ag cur díom anois, ní bhead ag treasughadh a thuilleadh ort, tá an iomad oibre lé déanamh agat: ag cainnt nó ag déanamh aon ruda a chuirfeadh bun os cionn ar do chuid oibre thu. Budh behag d'fhéadadh an máighistir do scríobh ar an gclár gen dtreasughadh go léir a bhíodh ameasc na scoláiridhe – geóin is cainnt is urchair: suathadh.

treasuighim: *b.a.* ionsaidhim, cómhraicim, tagaim treasna air, cros-cheistighim, téighim in aghaidh. Threasuigh sé orm is chuir sé amudha me: chuir sé isteach orm: bhain sé m'aigne den nidh a bhí ar siubhal agam. Ná treasuigh orm anois go mbeidh an leitir seo scríghte agam: ná déin aon rud a chuirfeadh amudha me nó a thógfadh m'aigne dhi. Ná treasuigh air, ach fág ar a bhuille é chun a rogha ruda do dhéanamh: ná bain dá threóir lé haon bhuaidhreamh do dhéanamh do. Threasuigh sé udhacht a athar a bhí i bhfabhar duine iasachta ach pingin níor bhuail é: throid sa dlighe í. Ceart nó mí-cheart aige, threasóchadh sé ar éinne mara mbeadh ach lé háilteóireacht: thiocfadh treasna: déarfadh nó dhéanfadh rud éigin a chuirfeadh duine as a bhuille. Threasuigheadar an uile throigh den dtalamh ar a chéile: throideadar d'fhonn a sealbhuighthe.

treasuighthe: *a.r.* ionsaidhthe, tagtha treasna ar; dulta i gcoinnibh, troidte. Fiche turus ón gcéad uair d'osclas mo bhéal chun labhartha tá treasuighthe agat orm: táir curtha isteach orm. Nách minic me treasuighthe agat is teipighthe ort: tú tagtha im choinne: rud éigin déanta agat chun buaidhrimh do chur orm. Sin é treasuighthe airís agat é, cad é an ceistiúchán atá agat air?: tú labhartha dá chosc: é bréagnuighthe agat. Tá sé treasuighthe orainn dul isteach 'on tseómra san: toirmiscithe: coiscithe. Níl aon áit gur thugais m'aghaidh ná go rabhas treasuighthe gurbh éigean dom éirghe as aon iarracht eile do dhéanamh: go rabhthas ag cur im aghaidh: ag teacht im choinnibh.

treasuightheach: *a.* toirmeascach, coisceach, claon lé cur isteach ar, nó i gcoinnibh. Níl aon chruinniughadh go mbíonn sé air ná go mbíonn sé treasuightheach, ní mór go bhféadfadh sé a bhéal do chongbháil ina thost: éascaidh lé teacht treasna ar dhuine nó cur ina aghaidh. Caithfead dul in áit éigin chun léightheóireachta is ciúine 'ná é seo is ná beifear chómh treasuightheach orm: oiread cur isteach.

treathan: *a.* adhbhal-mhór, mór-fhairsing, cumasach, groidhe. Nuair dhéanfá cuimhneamh air is diamhair an rud an luingeas ag síorghluaiseacht treasna na mara treathaine: mór, áidhbhéil. Féach air! nách é an fear treathan láidir é: cumasach, groidhe.

treighdeán: *f.1.* tinneas, céasadh, ceasnaidhe. Treighdeán ort! maran mé atá ciapaithe agat: mío-ádh ort: tinneas chughat. Leig do féin, dá mbeadh a threighdeán san ort, mar tá air, i nganfhios d'éinne, budh mhó do thruagh dho ná do mhilleán air. Is fada ó bheith sláinteamhail é, tá treighdeán goile leis na ciantaibh air: iomard.

treighdim: *b.a.* gonaim, tollaim, goillim ar. An rud atá ráidhte aige treighdeann sé me, níl aon cheart aige ar chúl-chainnt do dhéanamh.

treighdín: *f.4.* gasra réiltínidhe i bhfochair a chéile. D'aithnigheadh na seandaoine tráth na hoidhche dréir a n-ionad. "Níl aon chiall ag an dtreighdín an aimsir seo", déarfá sa bhfóghmhar tráth nách féidir dul de réir a ionaid sa spéir.

tréigean: *f.1.* tabhairt suas, cúladh, cúbadh, feódhadh, ceileabhradh, teip, meath, dul in aois. Beir breágh bog air liom, ná bíodh an oiread san deabhaidh fút, tá an choisidheacht ag tréigean orm-sa: teip: meath: ag dul ar gcúl: gan an éascaidheacht chéadna innte do bhíodh. Caithfear malairt solais d'fhagháil, tá an lóchrann san ag tréigean, beam sa doircheacht: ag dul i laige ag dul in éag. Táim an-eaglach go bhfuil mo radharc ag tréigean: ag lagughadh: ag doirchiughadh. An ag tréigean atá an craolachán go bhfuil an chainnt chómh lag?: ag dul in olcas. Is mór mar tá sé ag tréigean lé déidheannaighe, ní fheicfeá ar mhargadh ná ar aonach anois é: ag dul chun deiridh lé haois. Má théarnuigheann sé an oidhche déanfaidh sé go maith, dar liom-sa, go bhfuil sé ag tréigean go mór lé huair an chluig: ag ceileabhradh: lagughadh. Brostuighimís, ní bheidh deireadh déanta againn, tá an lá ag tréigean: ag dul i ndéidheannaighe. Ní fheicim ró-shoiléir anois é, tá sé ag tréigean as mo radharc: ag feodhadh: ag ceileabhradh. Dath dlúith atá san éadach san ná bíodh aon eagla ort go raghaidh aon tréigean ann: go bhfeódhfaidh sé. Ní ag cuimhneamh ar me do thréigean do bheifeá tar éis na haimsire go léir do chaitheamair i dteannta a chéile: scaramhaint liom: imtheacht uaim. Tá an tart gan me thréigean ó mhaidean: d'fhágaint. An té a dhéanfadh a thír dhúthchais do thréigean lé linn a broide ní bheadh ann ach meathtach: an té ná claoidhfeadh léi. Níl an tinneas malluighthe seo ghom thréigean in ao'chor: de ló agus d'oidhche bíonn sé ag giobaireacht orm: ag tabhairt sosa dhom. Cineál prátaidhe iad atá ag tréigean lé tamall maith: ag dul in olcas: ag teip: ag meath. Nuair bhíonn an póca ag tréigean bíonn an charaid ag tréigean: ag dul i luighead. Ní fada uainn cabhair Dé, tá an gála ag tréigean: ag tuiteam. Ní haon mhaitheas bheith ag treasughadh air, ní haon tréigean a raghaidh air: maolughadh. Cúrsa coitcheann atá ann, tá na daoine ag tréigean na n-oileán ar oirear gach aon dúthaighe: ghá bhfágaint. Idir dhúthaigh, chúis is dhaoine, do dheinis a dtréigean: imtheacht uatha. Is maith é thu gan tréigean ort!: gan dul chun deiridh ná ar gcúl. Níl aon tréigean ag dul san éadach: níl a dhath dhá chailleamhaint aige. Tréigean na mbarraidhe is measa dhúinn: a meath: a dteip. Cuireadh i gcarcar é i dtaobh an airm do thréigean: teicheadh as.

tréigeanas: *f.1.* éalódh, fágbháil, ruathaireacht, feódhadh. Tá tréigeanas déanta agam ar an áit, admhuighim, ní thagaim chómh minic agus thagann: é tugtha suas ádhbhar. An bhfuil aon tréigeanas ar do dhualgas agat an aimsir seo? nó an bhfuilir chómh dícheallach is bhís riamh?: lagughadh aire. Ní itheann sé an oiread agus d'itheadh, tá tréigeanas tagtha ar a ghoile: d'imthigh faobhar a ghuilme. Ar thréigeanas an datha atá mo locht, ní ar an ndath féin: claonadh lé feódhadh.

treighid: *b.2.* greim, doigh, goin tinnis, sealg, cumhadh. Mo threighid! agus is fada buidhe go bhfaghfar an lá ar an gcladhaire úd: fairír. Treighid ort! éist do bhéal, ní pioc ded chúram-sa é seo: mairg ort!: go raibh stróc id bholg. Nár bhuailidh treighid ná greim

an bháis thu: doigh dhian, ghonta. Ní chuireannn a bhuadhairt aon treighid orm – pioc! mairg: brón: ní ghoineann me in ao'chor.

tréigim: *b.a. & n-a.* ceileabhraim, fágaim, teichim ó, teipim ar, meathaim, cúlaim ó, feódhaim. Ná tréig me, lé linn mo bhroide nó beidh deireadh liom: ná fág me: ná staon ded chabhair do thabhairt dom: ná cúl uaim. Lé scannradh thréig a dhath ann: cheileabhair: bháthaidh sé: tháinig malairt lí ann. Ná tréig do chara ar do chuid: tabhair cabhair do má bhíonn sé ar do chumas: ná fág ar an bhforaoil é de chionn do bhaile féin. Is fadó thréig sé ól is drochchuideachtaidhe: caitheann sé beatha dheaghshomplach: chaith sé uaidh iad: thug sé a chúl leó. Thréigfeadh sé a chreideamh ar phráta bheirbhthe: thabharfadh sé suas: d'fhágfadh annsan é. "An t-éan a bhéas agat i dtaisce 'si ndíon it dhóid, ná tréig ar a shamhail bheadh ar bharra na craoibhe 'od dheóin": ná malartuigh: ná scaoil uait. Mol an sliabh is ná taobhuigh é, cáin an tír is ná tréig í: ná fág í: cáin duit féin í. Tá sé an-lag ar fad, thréig sé mórán fola: chaill, shil se. Thréigis ar fad lé déidheannaighe sinn, ní fheicimíd in ao'chor thu: shéanas sinn: níor dheinis aon turusadóireacht orainn. Thug sé bunóc di is thréig sé í go neimh-iongtach, neamh-náireach: d'imthigh sé uaithi gan a dhualgas do chóimhlíonadh. Nuair chonnacthas dóibh go raibh an long ag súncáil thréigeadar í: d'imthigheadar aisti. Ní thréigfir go dtí go mbeidh cimiar ort: ní staonfair den rud atá ar siubhal agat. Caith siar é, ná tréig orainn mar sin: ná teip. Mé ar mo chroidhe díchill d'iarraidh a dhéanamh amach cad a bhí ann go dtí gur thréig sé ar fad ar mo radharc: mhúch: cheileabhair: d'fheóidh. Tá mo mhuinghin asat, ná tréig orm: ná cuir díombáidh orm. Ag déanamh siar ar dheireadh thréig a ghuth, ní chloisfeá chómh soiléir é: laguigh, mhaoluigh. Thréig an síol san agam-sa, nár bh'ait é, ges gach nduine eile bhláthuigh sé: theip, mheath sé: ní tháinig chun cinn. Cad bhí lé déanamh againn? connus chuirfimís cath nuair thréig gunnaidhe is armáil orainn: chaitheamair deireadh. Tréig an saghas san cainnte is tairring a malairt chughat tá sí mós draosta: scuir di. Lé náire do thréig sé a ainm 'sa shloinneadh: ghlac chuige a malairt: thug druim láimhe leó. Tréigfead an saoghal so is raghad isteach i mainistir: tabharfad mo chúl leis. Is é clódh is crot is cuma atá air nách fada ná go dtréigfidh sé an saoghal so: go bhfaghaidh sé bás. Tréig magadh!: scuir de. "Acht adubhairt an crann fíge riú an dtréigfinn-se mo mhílseacht agus mo thoradh maith agus dul dom árdughadh os chionn na gcrann" (Breitheamhain IX. 11): an séanfainn iad ar son m'árduighthe.

tréigthe: *a.r.* fágtha ar an bhfóraoil, tugtha suas, scurtha de, feóidhte. An bhfuil na dathacha tréigthe fós thu?: fágtha. Fágadh an bád tréigthe ar an dtráigh: gan neach i gcúram cad thárlóchadh di. Fuairtheas tréigthe sa díg thar éis na hoidhche é: fágtha i leith a íde. Fuairtheas an long thréigthe gan rian cad é dán a fóirne: go raibh na máirnéalaigh dulta as. Aithnighim ar a chrot is ar a shiubhal gur fear tréigthe anois é: teipithe: go bhfuil a lá ag druideam leis. Tá mo sparán tréigthe, tá mo charaid tréigthe: mo chuid airgid caithte, mo cháirde tréis druim láimhe thabhairt liom. Tá sé chómh dorcha lé tóin an phúca anois, tá na súile tréigthe ar fad: an radharc imthighthe asta. Ceannuigh hata nuadh, tá san tréigthe: an dath caillte ann. Is furaist aithint go bhfuilim-se tréigthe is a rádh go bhfoidhnighim teallaireacht ó aon dailtín: go bhfuilim dulta ar gcúl: go bhfuil an bhrigh a chúiteóchadh easmailt i ndísc. Tá gach aonnidh tréigthe anois: druim láimhe tugtha lé gach rud go gcuireadh sé suim ann. Sin éan ná tagann 'on cheanntar so in ao'chor anois, tá an áit tréigthe aige: séanta.

tréigtheach: *a.* claon lé tréigean, teipitheach, meathtach, neamh-dhílis. Níl aon phioc den gcré thréigthigh ann, ní misde dhuit muinghin do bheith agat as: teipitheach: atá claon lé meath. Ní maith lé héinne dul ina threis mar ní féidir brath air, duine tréigtheach é: tá sé ró-chlaon lé cliseadh nó meath. Níl éinne ná go bhfuair tréigtheach é, níor chlaoidh sé lé neach ná beart: neamhdhílis. An chéad chioth báistighe a bhuailfidh é do leaghfaidh na dathanna, táid tréigtheach: claon lé rith: feódhadh.

tréigtheach: *f.1.* ruathaire, seachantóir, teicheadóir, meathtach, saobhán. Cé labharfadh lé tréigtheach a chreidimh? d'iompuigh sé ar son a bhuilg: duine a shéan a chreideamh. Mhóidigh an tréigtheach ná fágfadh choidhche sinn, ach ní mar sin do bhí aige, d'fhág sé ar fóraoil sinn nuair budh lugha bhí coinne againn leis: ruathaire ó n-a dhualgas. Pionós gach tréigthigh saighdiúra san am úd a lámhach: an té a theicheadh ón arm. Is cuma cad chuirfeadh sé roimis a dhéanamh níor bh'aon mhaith é, ní raibh ann ach tréigtheach: meathtach: duine a theipeadh.

tréigtheóir: *f.3.* duine a theipeas, a shéanas, a theicheas. Ar dtúis bhí mórchuid dár gcabhair, ach nuair chruadhaidh an saoghal orainn thárlaidh tréigtheóiridhe ortha, go dtí gur bheag dínn a chlaoidh: daoine a chlis orainn, a fhág sinn. Tréigtheóir dá bhuidhin seadh é, ní fiú é a choidreamh: duine nár chlaoidh leis an ndream gur chóir do bheith dílis dóibh. Bhídís sinn ag teacht 'on tigh seo, ach dhein tréigtheóiridhe ar fad díobh: séantóiridhe: éimid an tigh anois.

tréilic: *b.2.* fobha reatha. Ghluaiseadar leó sa tréilicidhibh gur dhóigh leat ná raibh breith ar a n-anam aca: chómh mear is bhí ionta.

treilis: *b.2.* roithleach, drabhfuigheall, cóip; dríodar. Deineann sé éadach go maith ach go mbíonn an iomad treilise ina dhiaidh, ní mór ná go ndéanfadh táilliúir eile dhá chulaith den adhbhar a bheadh aige siúd chun aon chulaith amháin: roithleach: adhbhar ná baintear áis as is a imthigheas gan mhaith. Budh chóir duit bheith níos críochnamhla, fágair an iomad treilise id dhiaidh: imthigheann mórchuid den adhbhar go mbír ag déanamh as gan mhaith. Tá treilis-bhreilis déanta den scéal agat, ní bhfaightear tóin ná ceann leis: tá fruis frais déanta agat de. An dóigh leat go mbeadh aon chonbharsáid agam leis an dtreilis sin? tá dearmhad ort; ní hiad san mo chómh ar chuma ar bith: cóip: dríodar daoine.

treilisc: *b.2.* achrann, cosamar. Aon rud go gcuirir do lámh ann ní bhíonn id dhiaidh ach treilis, raghadh sé d'éinne a réidhteach: achrann. Réidhtigh anois iad má fhéadair, ach tá obair agat, tá go haonnidh caithte ina threilisc: i ngabhal a chéile: gan riar. Bainfidh an tigh céadna mo mheabhair shaoghalta dhíom, go haon rud ina threilisc breilisc ann: caithte i ngabhal a chéile.

tréimhse: *f.4.* eaga, seal, ré, teóra aimsire. Nách fada an tréimhse atá caithte agat leis – chúig bhliadhna?: seal: tamall maith. Níor bh'fhada an tréimhse ag feitheamh me nuair glaodhadh isteach orm: seal. Beidh a thréimhse leis an arm suas ar an mbliadhain seo chughainn: an ré aimsire a bhí ceangailte air a chaitheamh leis. Scaradar lé n-a chéile, lá,

gan súil go bhfeicfidís a chéile choidhche airís, ach tréimhse ina dhiadh san theangbhuigheadar i bhfad ón áit chéadna: seal fada. Lém thréimhse níor bhuail éinne liom is fearr a thaithnigh liom 'ná é: faid atáim beó. "Ar fhan sé i bhfad?" – "tréimhse": seal maith. Is amhlaidh atá aige go mbíonn tréimhse annso is tréimhse annsúd aige: tamall. Dréir gach deallraimh ní fada an tréimhse a bheidh aige tá sé ró-dhona: ní fada mhairfidh sé. "Is canadh gach scéil tá a dtréimhse caithte aca, tré na gcaithfid umhlughadh": a seal i réim. Tréimhse ann is ní ag lorg a dhéirce do bhíodh an fear san ach ag caitheamh go rabairneach: tráth: uair. Níl aon rud dár thárlaidh ná go bhfeaca mar bhíos ann i rith na tréimhse: i rith na haimsire go bhfuil tagairt do. Dá fhaid a raghair is dá dhéine is dá ghéire bhír caithfir stad i ndeireadh na tréimhse: i ndeireadh na dála: i ndeireadh an choimheascair. Sara maoluigheann an aicíd caithfidh sí a tréimhse: an cúrsa is gnáth léi. Níor chaith sé a thréimhse lé na chéird, ach ní lochtóchadh san é: an eaga aimsire ceapaithe chun a fhoghluma. Beidh tréimhse na Dála so caithte go luath: an fhaid aimsire do ceapadh di bheith ag feidhmiughadh.

tréine: *b.4.* neart, cómhacht, cumas arrachas. Ní heól d'éinne tréine an fhir sin, mar ná raibh aon tástáil cheart fós riamh air – an fulang, an neart is an bhuaine atá ina ghéagaibh: iongtas nirt. Is minic tréine a spiride curtha in iúil ag an ndúthaigh seo, dá mhéid a hionsaidhtear í is ag dul i gcalcuightheacht a bhíonn sí: treise: cómhacht do-chlaoidhte. Tá buaidhte air! cár imthigh a thréine?: an neart áidhbhéil. Fuaduigheadh mórchuid airéir, cá ngeóbhadh tréine an ghála: an neart ar fad is an fuinneamh. Tá sé air anois ag tréine chabhlaighe Shasana, de ló agus d'oidhche ar fuaid na bóchna treathaine tá lorg is ionsaidhe uirthi: móirneart. "Béarfaidh mo thréine saor me ó gach gábhadh is guais," ars an fear bladhgarach: mo mhóirfheabhas.

tréinte: *b.4.* lán-luas. An capall rithte ag teacht ar thréintibh fém dhéin, gan aon áit agam go dteichfinn uaidh, is me teanntuighthe, chaitheas me féin in imeall a chos lé súil go ngeóbhadh tharm: fiadhain glan ar cosanáirde. Ó mhoch maidne go tuitimín tráthnóna bíonn sé ins na tréintibh, pé gnóth nó cúram a bheadh aige: go fuadrach: ar dalladh: ag gluaiseacht go greithileánach. Ní hamháin ná labharfadh sé focal leat ach ní fhéachfadh sé thar druim a ghualann ort lé broid ach é ag cur de insna tréintibh siubhail: an luas budh mhó b'fhéidir leis. Ar na tréintibh leó nuair chualadar an tobac do bheith tagtha, an dúil mhairbh aca ann: ar dhubh-thiomáint.

treis: (**treise**) *a.* láidir. lúthmhar. Céaca is treis aca?: is mó go bhfuil neart ann. Is treis Dia 'ná dóchas: is minic a sháruigheas gníomh trócaireach Dia ar muinghin nó súil da mhéid. Gaoth budh threise 'ná í níor bhraitheamair riamh, bhodharfadh an fhuarmáil thu, bhí fear nuadh ar na builg i gcómhnaidhe: budh mhó go raibh fuinneamh is neart léi. Is treise d'fheirmeóiridhibh iad go mór 'ná sinne, féach ar a gcuid tighthe is a gcuid stuic: is cumasaighe: is mó de ghustal an tsaoghail aca. "Cad é an bhail atá ort?" – "táim go treis": go han-mhaith ar fad. B'é a tháinig leat-sa agus a dhein do dhochar gur threise do thoil 'ná do thuigsint: gur ghaibh do mhian lastuas den rud do tuigeadh dréir réasúin budh cheart do dhéanamh. Fear budh threise aigne 'ná thu budh dheacair a chreideamhaint go dtréigfeadh sé a dhúil in aon lá amháin: budh dhaingne rún. Budh threise ar an lá 'ná ar an oidhche é nuair shroich sé an áit: ní raibh ach a rádh go raibh sí ag tosnughadh. Is

treise air me gurb é dubhairt sé gur Dé Sathairn a thiocfadh sé: is leis is mó ghéillfinn dréir mo chuimhne.

treise: *b.4.* neart, cómhacht, cumas, strus. Treise choidhche leat, is mór mar táim fé chomaoin agat: neartughadh leat. Treise léd ghéig: cothughadh ar neart do ghéige. B'fholláin do go raibh treise airgid i dtacaidheacht leis mara mbeadh san bheadh thiar air: neart: cumas is cómhacht airgid. Scuir den imshníomh anois, beidh an duine breóidhte ag dul i dtreise gach aon lá eile: ag neartughadh is ag dul i bhfeabhas. Buaidh agus treise leat!: go n-éirighidh leat do shíor. Ní bhfaghair, ná dá mbeitheá céad uair níos tréine ná taoi, treise air siúd: lámh uachtair. Ní cuirtear síol na sméar 'sis annamh an treise ag fear gan léigheann: an buaidh in áiteamh nó in achrann aighnis. Is fearr treise aigne 'ná neart lámh: ní bhuaidheann cómhacht an fhoiréigin choidhche ar chumas na tola fulang do dhéanamh. Ní haon treise dhuit bheith ar an gcuma san, corr leis gach éinne, bhéarfaidh sé mórán míchéadfaidh ort: aon bhuaidh: aon mhaith ní dhéanfaidh duit. Dar liom go bhfuil treise ag teacht ar an lá: go bhfuil ag dul i ngaothmhaire, i mbuirbe. Dá mbeadh aon treise lé n-a bhuillidhibh ní fhéadfainn seasamh leath na haimsire leis: an tathag cheart buailte ionta.

treiseacht: *b.3.* neart, breis nirt, fuinneamh. Féach, dá threiseacht é an capall go dtréigeann sé: dá láidre. Treiseacht na haimsire, an fáth ná téighid ag iascach: gairbhe, buirbe. Is fada fós go mbeidh aon treiseacht chun oibre ionta, táid an-óg: neartaidheacht. Chómhairleóchainn díbh gan corruighe as an áit atá agaibh anocht, ag dul i dtreiseacht atá sé (an tsín): ag dul i bhfiadhantas. Dá threiseacht é an duine buaidhtear air: dá mhéid neart is cumas atá ar a chur buaidheann na dúileanna air. Beidh buancas ins na brógaibh sin, féach treiseacht na mbonn: an neart is an tathag.

treiseamhail: *a.* láidir, fiadhain, cómhachtach, lúthmhar, bríoghmhar. Tháinig sé chun ár gcónganta go treiseamhail, d'oibrigh sé chómh dúthrachtach lé héinne againn: go lúthmhar, bríoghmhar. Dá gcuireadh sé chun a chuid oibre níos treiseamhla, ní dóigh liom go bhféadfaí locht ar bith d'fhagháil air: breis anama do chur ina iarrachtaidhibh. An Márta an mí is treiseamhla eadrainne, ní bhíonn aon teóra lé n-a bhuirbre: is fiadhaine, is gaothmhaire.

treisighim: *b.a. & n-a.* neartuighim, cuirim breis brighe ann, sáruighim, buaidhim ar. Go dtreisighidh Dia do phóca, is iomdha cóngamh tugtha dos na bochtaibh agat: go méaduigidh. Go dtreisighidh Dia leis an láimh atá i gcóngamh na mbocht, mar is ionmholta í: go gcabhraidh. Go dtreisighidh Dia an céachda: go luathuighidh is go gcuiridh an rath air. Go dtreisighidh Dia a ghéag, nár iarraidh sí fuilg ná uachtar: go neartuighidh. Treiseóchaidh an lá ar an ndrochchuma atá ag teacht air: éireóchaidh sé i ngaoith is i bhfiadhantas. Dá fhaid é an cáirde treiseóchaidh an fhírinne ar an éitheach: buaidhfidh air. Sara mbeidh deireadh leis an gcogadh so treiseóchaidh sé a thuilleadh: raghaidh sé in olcas maidir lé breis áir is mío-áidh. Treisigheann úrnaighe ar chathuighthe an diabhail: buadhaid ortha. Treisigheadh an falla le teannta do chur leis, mara mbeadh san anuas leis!: do neartuigh an tacaidheacht é. Ní threiseóchaidh sé 'na mheisneach é an oiread des na daoinibh bheith ag cainnt ina choinnibh: ní bhraithfidh sé níos meisneamhla ina thaobh.

treisiughadh: *f.* (*-uighthe*) neartughadh, sárughadh, buadhachtaint ar. Beidh Dia ag treisiughadh leis mar tá a ghrásta aige: ag cabhradh: ag tabhairt a chóngaimh do, agus ag cur meisnigh air. Is mór an treisiughadh dho go mbraitheann sé go bhfuil na daoine ag iompódh ar a thaobh: an chúis meisnigh agus neartuighthe rúin. An chúis chéadna atá agam air sin atá agam ort-sa, mar táir ag treisiughadh leis, ghá bhíodhgadh lé moladh: ag déanamh tacaidheachta a chuireas éirghe air.

treisighthe: *a.r.* neartuighthe, meisnighthe, sáruighthe, buaidhte ar. Braithim árd-threisighthe im spirid ag na bréithribh molta san: neartuighthe. Tá treisighthe ag an ndúil ghránda sa digh air, ní fhéadfaidh sé a tabhairt suas choidhche: í gabhtha lastuas de: chómh lag-aigeanta is go gclaoidheann sí é. Bheadh treisighthe thiar lé n-a dhrom agat dá mbeadh peiliúr fé: neartuighthe: dhéanfadh an tacaidheacht seascaireacht do.

tréith: *a.* lag, fann, de threóir. Táim tréith agat ó gháiridhe: an t-anam dulta asam: gan mé ábalta ar labhairt ó gháiridhe. Is iomdha fear maith sínte go tréith ag an gcogadh so: ar lár: marbh: dá threóir. Is folláin duit mise do bheith go tréith ag an ngéig thinn seo, ní bheifeá ag spochaireacht fúm-sa: dem threóir: gan a háis do bheith agam. "An labhrann sé" – "is go tréith é": is ar éigean é: go lag. Ar an dtuargaint is an mbúrdáil atá tugtha aca dá chéile sa chogadh so ní fhéadfaidís gan bheith go tréith: lag: gan neart de dheascaibh ar chailleadar. An buaidhreamh 'san strus a chuir iomchar na ndaoine air d'fhág sé croidhe tréith aige: fann: gan aon anam gnímh. Cé gur seanduine tréith me, ní fhoidhneóchainn ná ní chlaoidhfinn lé luighe fé chosaibh éinne gan a chur in iúil do cad é mo mheas air: cé ná fuil ionam cúiteamh do bheith agam. Ní gábhadh dho neach aon eagla do bheith air roim an leómhan tréith: nuair bhíonn a fhiacla 'sa leadáin staithte: bascuighthe: bainte dá threóir. Beidh na tíortha chómh tréith sin thar éis an choimheascair seo go mbeidh tamall ann sara mbeid ábalta ar theacht chúcha féin: laguighthe.

tréith-: *i gcfbh.* traochta, lag, fann. Duine tréith-aigeanta lé tamall thu, ní chloisim aon fhonn troda ort mar bhíodh: claoidhte i spirid: an meisneach imthighthe. Cad tá tagtha air sin a bhíodh beó, aibidh, éascaidh, gheibhim tréith-anamamhail ar fad é: lag-spirideamhail. Ní tréith-bhuillidhe a gheóbhaidh an lá dhuit ach buillidhe cealgánta, gonta: laga: gan aon fhuinneamh. Ní fiú mise d'áireamh ar aon rud anois, táim tréith-bhrigheach: gan aon neart a d'fhágfadh a rian. Is é mo chroidhe-se atá go tréith-bhrúighte, gan spionnadh, gan bíodhgadh: chómh claoidhte sin ná fuil corruighthe chun éirighthe ann. Mórán go mbíonn tréith-cheasnaidhthe ortha is ná cloiseann neach a ngearán: iomaird throma, dhiachracha. Ní fada is beó é leis an dtréith-chasachtaigh sin: casachtach mharbhthach, chlaoidhteach. Choidhche airís ní bheidh ábalta ar a cheann do thógaint, tá sé tréith-chlaoidhte ag an saoghal: laguighthe an oiread san ná féadfadh sé a cheann do thógaint. Is é atá go tréith-chráidhte ná féadfadh aon fhreagra do thabhairt ar lucht a mhasluighthe: an chráidhteacht a leanas, míthreóir iomlán. Is tusa an tréith-dhuine dhomh-sa, is beag í do chabhair dom: gan mhaitheas. Is minic gur tréith-dlighthe is bun lé mórán cora i ndúthaigh: dlighthe ná bíonn láidir go leór chun a gcosctha. Riamh ní fheaca ina dhiaidh ach an tréith-ghníomh, cad as go bhféadfadh sé maoidheamh?: gníomh lag, suarach. D'fhág iomad bréig-charad go tréith-díothach me, budh mhaith a gcabhair chun mo choda do chaitheamh: bocht is gan i ndán faic do dhéanamh. "Thug sé eitim ar é do

dhéanamh" – "tréith-eitim do thug": an-lag. Chuirfeadh na geárrcaigh draoidheacht ort iad ag tréith-eiteall tímcheall na nide: go lag: iarrachtaidhe fada ag teip ortha. Air sin féin ní bhfuaireas ach tréith-eanglais thé ná leadhbfadh madra: ná beadh aon bhíodhgadh in ao'chor innte. Mo ghradhain iad na daoine bochta mar ar ghaibh an cogadh, is iad go bhfuil a bhfurmhór go tréith-easbhaidhtheach: fann de dheascaibh an easbhaidh. Níl an oiread agus tréith-éifeacht léd chuid cainnte: aon fhuaimeant in ao'chor. "Cloisim go bhfuil sé éirighthe" – "is baoghalach gurb é sin an tréith-éirghe": nách mór an gníomh ná an mhaith do dhéanfaidh sé feasta. Mé ag glaodhach 'sag glaodhach ar chabhair, ach b'é sin an tréith-éigheamh mar bhíos ró-bhascuighthe: an glór lag, íseal. Sin é an tréith-fhás atá dhá dhéanamh aige, ní mór ná groidhe bheidh sé: lag, mall. Admhuighim mo chlaoidheachtaint, níl ionam ach tréith-fhear anois, gabhadh orm: fear fann. Go dtí so tá sé an-thréith-fheartach ar fad, cá bhfuil an gleódh a bhíodh i dtaobh a fheabhasa?: neamh-ghníomhach. Ní raibh ann ach go dtáinig sé in aonfheacht liom, is go tréith-fhéicheamhanta é: go lag-fhonnmhar. Ní mór an díoghbháil é bheith go tréith-ghlamach bhíodh an iomad cainnte aige: gan é do bheith i ndán mórán fothruim do dhéanamh. Fear tréith-ghuthach in ár measc-ne é sin, ní mór an meas atá ges na daoinibh anois air: gan puinn brighe ina ghlór. Marbh, tnáidhte go maith ag breóidhtigh dho, níor chuala éinne riamh ná go bhfuil sé chómh tréith-ghlórach leis: lag-ghlórach: guth lag aige. Níor thug sé ar a dhéanamh ach tréith-iarracht, b'fhada ó ghníomh é: iarracht an-lag: gan dus, gan fuinneamh. Is iomdha lá go gcorróchaidh sé, is é atá go tréith-leónta: lag-bhrigheach, bascuighthe. Dá bhfaghainn an ghlóire ní fhéadfainn dul a thuilleadh, bhíos tréith-lag ag strus an lae: cnaoidhte, tugtha. Leigidh dom féinig, táim tréith-imeartha: chómh claoidhte sin is ná féadfainn a thuilleadh do dhéanamh. An-thréith-mheisneamhail atá ag cur chuige, cár imthigh an smoirt a bhíodh ionat?: gan puinn fonn. Cad is dóigh leat-sa budh cheart duit do theacht chughat as? dar ndóigh ní rabhais-se ach tréith-pháirteach sa chúrsa, níor dheinis an céadmhadh cuid det dhícheall: beag an lámh a bhí agat ann. Sin í an tréith-rith atá aige sin tar éis na droch-chórach atá fachta aige: rith gan mhaith. Cad bhí lé déanamh agam? ná rabhas tréith-shilte i ndiaidh ar bhain duadh na seachtmhaine asam: mo neart ar fad imthighthe. Sin é an tréith-sheasamh atá ann anois, ní mór eile a fhuilngeóchaidh sé: an seasamh ná fuil tathaig leis. Táimíd claoidhte anois tá ár bhfóirne tréith-scaipithe: go lag is go fánach. Ní dhéanfaidh sé ach an tréith-sholáthar, duine ar an bhfán a bheadh ag brath air: ná beidh puinn maitheasa ann: ná beidh scabhárdach ná tairbheach. Múscail do thréith-spirid, tá cómhrac fós ionat: a bhíos ina chodladh. Chun na fírinne d'innsint duit ní bhfuaireas ann ach tréith-shásamh: sásamh an-lag, leamh. Bheadh sé chómh maith agam a admháilt go bhfuilim tréith-thuirseach den saoghal, gan orm ó ló go ló ach an mío-rath: buailte amach aige. Ní raibh agam do ach tréith-thuairm, ní mór an mhuinghin a bhí riamh agam as: tuairm bheag ná raibh socair ná cinnte. Is tréith-thairbheach dhíbh mo chabhair-se, mar ná fuil an neart ionam: ní mór an cur chun cinn í. Tá cuma tréith-thairringthe thar éis an phríosúin air, ní chosamhail gur thaithnigh sé leis: lom, caithte, neamh-láidir. Na mílte dhá thréith-threascairt an uile lá ag an gcath diabhalta so: dhá leagadh is gan éirghe ós a gcionn. Ná bíodh aon eagla agat roimis, níl anois aige ach tréith-ughdarás, ní fhéadfaidh sé faic do dhéanamh leat: ughdarás atá ag imtheacht in aghaidh an lae.

tréith: *b.2.* beith, airdhe, cáilidheacht, cómhartha. Is éachtach na tréithe a bhaineas leis breith ar éinne eile go mbeadh an moladh go léir air atá (leamhas): é bheith de mhianach

ann bearta maithe do dhéanamh: é bheith de bheith air. Caith uaim é, is ná bí ghá mholadh liom-sa mar nách eól dom aon deigh-thréithe ag baint leis ach oiread lé neach eile: cáilidheacht; airdheanna: aon chómharthaidhe maitheasa seachas chách. Tá sé de thréith aige ach go háirighthe go bhfuil sé foidhneach: é sin de cháilidheacht: cómhartha air go soiléir. Cad iad tréithe an leabhair seo?: beitheanna: na rudaidhe a bhaineas leis seachas leabhartha eile go gcómharthófá ar leithrigh é mar gheall ortha. Éist liom-sa agus cuirfead-sa síos a thréithe sin duit: na rudaidhe ionmholta agus do-mholta a bhaineas leis. Níl aon tréith id chreatlach a fhéadfaí do mholadh: beith nó cómhartha fé leith. Cuid de thréithibh-se an leabhar so: ded shaothar: den obair sé atáir i ndán a dhéanamh chómh maith nó chómh holc san. Cad iad tréithe na dighe seo?: an bhfuil sí mearbhallach?: cad iad a cómhachta. D'aithris sé a thréithe dhom, ach ní bhfuair sé faic dá bharr asam-sa: chuir sé síos ar a fheabhas do bhí sé mar seo agus mar siúd. Carthanacht an tréith is fearr a bhí i nduine riamh: beith: cáilidheacht.

treite: *f.4.* cladhaire, anchúinse. An treite sin, ná cuir pingin ruadh ar a iontaoibh, níor leat féin í: duine a chumfadh ort. Níor fhan an treite ar airgead do mhealladh ó fhearaibh gan an tinn do chur ar mhnáibh, ní raibh aon scropall leis: cladhaire cam. An treite sin ag maireachtaint ar an saoghal mór is ná leigfeadh leisce dho lá oibre do dhéanamh: an cladhaire: anchúinse gan náire.

tréithe: *b.4.* laige, anbhfainne. B'iongtach an mianach é is claoidhe lé n-a ionad is a thréithe bhí sé as a fhaid nár déineadh uanaidheachta air: laige: ísle bhrighe. Cá bhfuil an té a fhóghanfas ar mo thréithe?: anbhfainne. Budh dhóigh leis na dochtúiridhibh nár bh'fhiú bheith ghá aistriughadh lé n-a thréithe, ná mairfeadh sé lé dul i bhfad: a laige is a chlaoidhteacht. Gach aon tír ag fagháil brabúch anois ar thréithe na Frainnce: ag giobadh toisc í bheith ar lár.

tréitheach: *a.* cliste, intleamhail, gníomhach. Arm tréitheach, is é foillsighthe aca, féach an fulang atá ionta is a bhfuil ina gcoinnibh: buan-chómhachtach. Nílir claoidhte fós, tá a thuilleadh ionat, táir níos tréithighe 'ná san: tá breis mianaigh ionat: má tá díth féin déanta dhuit tá teacht aniar fós ionat. Buachaill tréitheach seadh é, nuair budh dhóigh leat air buaidhte bheith air, bíonn speach fágtha in áit éigin ann: ilmhianaigh. An chéachda indiugh, an peann ambáireach, an maide rámha ar n-a mhanathar. Fear tréitheach gan amhras eisean: cliste: ioldánach. Madra tréitheach é sin, ní scarfainn ar rud mhaith leis, cabhair do-chuimse seadh é: cliste. Ní tháinig riamh 'on cheanntar capall chómh tréitheach leis, ualach thar na beartaibh ná tairringeóchadh sé: budh lugha go raibh cré bhuidhe ann. Aon rud a loirgeófá air a dhéanamh duit nó aon chomaoin, tá sé go deagh-thréitheach: d'fhoillseóchadh sé go bhfuil an mianach ceart ann. Sin é an t-alfraits droich-thréitheach nár mhór duit bheith ar t'aire féin air: go bhfuil an droichmhianach ann a fheallfadh.

tréitheamhail: *a.* cliste, ceárdamhail, gaoismhear. Cailín tréitheamhail atá innte, ceóltóir is rinnceóir áluinn seadh í, i dteannta í bheith ina scoláire slachtmhar: go bhfuil tabharthas aice ar chuid mhaith eólais. Níl aon rud ag baint lé n-a chéird ná go bhfuil ar bharraidheachaibh a mhéireann aige, is tréitheamhail an duine é: críochnuighthe, slachtmhar, eólgaiseach.

tréitheamhalacht: *b.3.* clisteacht, tabharthasacht, cáilidheacht. Pé tréitheamhalacht a bhí it athair níl aon phioc ionat-sa di, gheóbhadh duine áth nó ealadha uair éigin air, ach táir-se id dhúra dára ar fad: cáilidheacht: maitheasaidheacht: airdheanna áirighthe, mar féile, foidhne, etc.

treó: *b.4.* slighe, bealach, áird, cómharsanacht, déin, aiste, can, cuma, treóir, feisteas. Gaibheadh gach éinne againn a threó féin is eadh is réidhtighe agus is fusaide dúinn é agus is lugha bheidh aon achrann eadrainn: bealach, slighe: bóthar beatha. Gaibh an treó so chun do shuidheacháin: an bealach nó an tslighe do dheimhnighim duit. Chuaidh sé amudha orm ag an gcrosaire, ní fheadar cad é an treó ghaibh sé, (thug sé air féin): áird, soir nó siar. Sin treó ná rabhas riamh: ball: ceanntar. Gaibh an treó lá éigin, buail isteach, beidh fáilte rómhat: mar a bhfuil m'áit chómhnaidhthe. Congaibh an treó dhíreach is ní bheidh baoghal ort ná go sroichfir do thriall lá éigin dá fhaid bheir ar an slighe: bóthar. Bhí an bhean i dtreó áirighthe an uair chéadna: ar aiste: ina mnaoi thaobh-thruim. Táir ar an dtreó cheart anois chun airgid do dhéanamh má leanair air: táir ag cur rómhat ar an gcuma cheart. Ar an dtreó go raibh sé ag cainnt liom bhraitheas air gur bheag dá fhonn a bhí air géilleadh pioc: sin é tátall a bhainfeadh duine as a chómhrádh. Duine maith ar mhórán treó atá ann, budh dheacair duit iad d'áireamh: mórán cuma, slighe. Ithte ag an mbochtanacht tá an fear bocht, tá an-dhroich-threó éadaigh air: éadach olc, aindeis atá air. Cuir treó bídh ortha san, a bhean mhaith, táid caillte leis an ocras: cóir bhídh. Fágaimís an áit seo nílimíd i dtreó mhaith éisc: ins an áit nó ins an gcomarsanacht go mbeadh sé lé fagháil. "Connus tá sé?" – "an treó chéadna": ar an gcuma gcéadna. Cuir an áit sin i dtreó, náire is aithis an tslighe go bhfuil gach aon rud caithte i ngabhal a chéile gan riar gan órdughadh: cuir críochnamhlacht air: tabhair cuma ghasta air. Bhíodh sé ar a dhícheall ag cur foth-phúint 'on bhannc i dtreó go mbeadh rud éigin i gcóir an lae chruaidh aige: ionnas: ar chuma agus go mbeadh. I dtreó na háite bhí sé mar is ann do fuairtheas a rian: tímcheall. Tá san chómh neamh-ghéar is dá mbeadh rud i dtreó na gcos aige ná feicfeadh sé é: in aice: lé hais: ameasc. Faid atáim beó níor casadh im treó riamh treite chómh críochnuighthe leis, i mbaile ná i gcéin: orm: níor bhuail liom. I dtreó an chroidhe do buaileadh é, fáth gur goirtigheadh chómh dona é: i gcómharsanacht. Duine óg seadh é fós, níl sé thar treó a dathad: tímcheall air sin. Oiread agus pingin airgid dá dtógadh sí ón mbás thu níl i dtreó an tighe indiu: fá iadhadh an tighe. Cuarduigh i dtreó na teineadh an tlúgh, is ann is dual do bheith: thart tímcheall uirthi. Táir-se ag dul i dtreó do mharbhtha ameasc na ropairidhe sin: i gcuan: san áit go dtárlóchaidh sé: fé n-a dhéin. An bhféadfá me chur i dtreó oibre, budh chuma liom cad é an saghas é: i slighe í d'fhagháil. Go n-árduighidh Dia nó an diabhal uaim thu, a threite, pé rud a sheól im threó thu: pé rud a chas trasna orm thu. Dá seóladh Dia aonnidh cóir im threó, ní dhearmhadfainn thu: im bhóthar. Ní fheadair éinne connus marbhuigheadh é, mar ná raibh éinne ina threó: ina fhochair. An mbeir im threó i rith na seachtmhaine?: im chosaibh: im fharradh. Anois gur hionsaigheadh iad táid ar fotharaga ag cur na háite i dtreó cosanta: ar aiste dhaingean. Níor chuiris aon treó fhóghanta ort féin léd chuid airgid dá mhéid a bhí agat de: níor thugais aon chuma ort féin níos fearr 'ná bhí. Má ghaibheann a leithéid an treó cuir in iúil dom é: ins an áit go mbíonn tagairt do: an ball. An ghaoth ag dul i dtreó na talmhan: bheith ag séideadh uaidh. Gluaisimís, táimíd i dtreó: réidh: ullamh: tiargálta. Is mian leis bheith i dtreó na mban i gcómhnaidhe: mar a mbíd: ina

bhfochair. “Chonnac áthrach go moch indiu” – “cad é an treó?”: an áird. Is é tigh tábhairne is fearr treó dighe in Áth Cliath: an ball gur caothamhla deoch d’fhagháil. Shroich sé an baile am éigin i dtreó na maidne: ag déanamh uirthi. Dá mbeadh an ghaoth sa treó cheart sheólfaimís: ag séideadh as an áird a bheadh fabhrach. Tair fém threó aon lá a oirfidh duit is déanfad aon rud atá ar mo chumas duit: fám dhéin. D’imthigh sé fá threó an bhaile mhóir go moch ar n-a bháireach: fé n-a dhéin: ghluais sé an tslighe a thriallas ann. Ar an dtreó go bhfuil sé anois chómh luath so sa ló beidh sé caoch ar meisce fé thráthnóna: ar an aiste. Ar an dtreó go bhfuilir ag cainnt déarfadh éinne ná taithnigheann an áit ná na daoine leat: ar an gcuma. D’imthigheamair as threó a chéile bliadhanta ó shoin is ar chuma éigin ní mór an coidreamh do dheineamair ó shoin: scuir ár dteangmháil lé cheile. Éist anois, is oth liom a rádh go bhfuilir as treó ar fad: go bhfuil do ráidhte bun os cionn. Cé tá chun treó do dhéanamh do anois? tá sé dall amach: chun a stiúruighthe: a sheóladh ar an mbealach ceart. Déin treó dom tríd an mbrughtam daoine, táim féin ró-lag: slighe: bealach gluaiste. Tabhair do threó ort anois is ná bac liom-sa: déin do chúram féin. Leig do féin, ná bain dá threó é, tá sé ag déanamh go maith mar tá: ná cuir amudha é. Ó ló go ló tá sé ag imtheacht gan aon treó: gan stiúradh. Fánaidhe gan treó, annso indiu annsúd ambáireach: gan aon triall: lé fán an tsaoghail. Fé threó Chonnradh na Gaedhilge cuirtear an t-Oireachtas ar siubhal: fá chúram, stiúradh, choimirce. Fém threó-sa atá an siopa so agus is féidir liom mo rogha riartha do dhéanamh air: fám stiúradh. Tar éis dulta i dtalamh dóibh d’imthigheadar ó threó a chéile gan tuairisc gan radharc as san amach: malairt bealaigh. An bhfuil aon treó chodlata curtha agat ort féin?: an bhfuil leapachas fachta agat? Má fágtar i dtreó chéile iad, ní réidhteóchaid mar táid ciotrúnta: i bhfarradh a chéile.

treódhaim: *b.a.* dírighim, stiúruighim, seólaim. Treóidh an duine seo chun a shuidheacháin: tabhair eólas do ann. Is uathbhásach an áit gur treódhadh thu; an chun do mharbhtha é?: a seóladh: a stiúruigheadh thu. Treódhadh an scian idir dhá easna ann: tiománadh.

treóidheacht: *b.3.* goire, aice. Brathaim tinneas i dtreóidheacht mo chroidhe: i ngaobhar do. Chuir sé a mhéar i dtreóidheacht mo shúl: fé n-a déin. I dtreóidheacht an dorais d’iarraidh dul amach do bhí sé nuair síneadh é: ag déanamh air: i ngaobhar do: is ar a bhí a thriall.

treóir: *b.2. & 5.* stiúrthóir, áird, leagadh, claonadh, imtheacht, dáil, réim, iomchar, seóladh, stiúradh, cabhair, cóngamh, fuinneamh; múnla; tionnscal. Tamall maith atá ag rith leis an dtreite agus ní haon díoghbháil é do bheith bainte dá threóir, beidh tamall ann anois sara ndéanfaidh sé dochar éinne: dá réim: den imtheacht fuadrach a bhí fé. A thruagh dealbh é an oiread fear breágh, óg do bheith dhá bhaint dá dtreóir sa chogadh gránda so: dhá threascairt: dhá chur ar lár. A Thighearna, déin treóir dom ar mhalluightheacht an diabhail: cosaint, cumhdach, díon. B’í Máire mo threóir mná, ar áilne is ar thréithibh: an té a chóimhlíon mo chaighdeán i gcáilidheacht. Níl aon áit go dteastuigheann uait gabháil ná go ndéanfaidh an giolla so treóir duit: eólas na háite. Fé threóir an dochtúra fágadh an t-ósbuidéal: stiúradh. Dá mbeifeá ag cainnt choidhche ars an fear mío-shásta, i dtaobh saoirse, faid bheidh lucht airgid ann beimíd fá n-a dtreóir: cómhacht: is aca bheidh ár seóladh mar seo nó mar siúd. Cá bhfuil ceann treóra an tighe

seo, cloisim go bhfuil lagughadh cíosa uaidh?: an ceap: an té go bhfuil stiúradh imtheachta an tighe fé. Ná déin aon bhuaidhreamh air, tá sé beagán as a threóir, dhein rud éigin meargó dho: trí chéile. An bhfuil aon treóir agat air, má tá, cómhairligh é, níl sé ag déanamh in ao'chor mar budh cheart do: an bhfuil aon stiúradh agat air. Daoine leibideacha atá sa tigh chéadna san, níl treóir cheart ar aonnidh ann, ach mí-riar is achrann: críochnughadh: gastacht. "Is dligheadh na méirleach a bhriseadh, is do dhíbirt gan treóir": gan bhrigh, gan ceannas, gan stiúradh. Tá mo threóir claoidhte anois, tá deireadh lé gníomh agam, tá a sraith ag an sean-aois: neart: fuinneamh. As a threóir féin atá gach aonnidh déanta aige, níl sé fé chomaoin ag neach: stuaim. Chaill sé a raibh aige – sciob an bás a bhean 'sa chlann uaidh, is bhris an saoghal gan feóirling ruadh, ach tríd an dtreóir is uile níor chaill sé a mheisneach. Tréis me leagadh, agus me goirtighthe an oiread san ná féadfainn corruighe tríd an dtreóir d'fhan mo chiall agus m'aithne agam: trí chúrsa ar thárlaidh dom. Chómh luath is bheidh an uile nidh i dtreóir agam seólfad: cóirighthe: curtha ina ionad cheart. Éirigh as mar scéal, táir imthighthe gan aon treóir in ao'chor: ó ghreim, ó smacht, ó riar: gan aon deallramh. D'imthigh a chlann ó n-a threóir ar fad, scaipeadar soir siar: stiúradh, riaghail. An bhfuil aon treóir lé fagháil agam uait? maran fear ar an bhfán me: cabhair: beart a chuirfeadh ar mo shúilibh nó ar mo leas me. Sé treóir atá fé sin go gcaithfeadh sé a lá 'sa shaoghal ag cainnt lé héinne a dhéanfadh cuideachta dho: leis sin atá leagadh aige: tá sé claon leis sin. Treóir tairnge: múnla. Táid ar an dtreóir chéadna fós lé chéile ní fhéadfá a dhearbhadh an bhfuilid ag dul chun cinn nó chun deiridh: ar an gcúrsa céadna. Dá mbeadh aon treóir ar bhraon bhrannda nuair tháinig an laige air dhéanfadh sé d'aithbheódhachtaint: aon dul: lorg agus fagháil.

treóireacht: *b.3.* stiúradh, seóladh. Táir fé threóireacht mhaith, fé threóireacht do mhná: stiúradh: seóladh: teagasc. Cuir treóireacht éigin ar do chuid oibre, is b'fhéidir go mbeadh sí níos slachtmhaire: comar nó slighe chun tabhartha fé n-a dhéanamh. Chaith sé seal maith ag cur treóireachta orm i gcóir an bhóthair: ghom chur ar m'eólas. Mórán cnáimhseáin ar na páipéaraibh i dtaobh treóireachta an chogaidh: an tslighe atá sé dhá chur.

treórach: *a.* stiúrach, seóltach, gníomhach, ar aiste mhaith, sciamhach, éifeachtamhail. Fé n-a láimh threóraigh siúd d'fhoghlumóchadh éinne go mbeadh aon chrích air: deagh-stiúrthach. Níl duine aca san sa tsráid chéadna ná go bhfuil cuma threórach air: scabhárdach: ar aiste mhaith. Is mío-ádhmharach, mí-threórach an duine thu, níl aon rud a chuirir rómhat ná go dteipeann ort: ceal imtheachta ar an mbóthar ceart: gan bealach tairbheach do ghabháil choidhche. Is mí-threórach an dream go bhfuilir ag coimeád cuideachtan leó, mo chómhairle dhuit thú féin do sheachaint: claon lé thu do stiúradh ar bhealach t'aimhleasa. Ná fuairis seanmóin deagh-threórach indiu má tá fonn ort tairbhe do bhaint aiste: go raibh cómhairle leasa innte. Níl aon bhaoghal ná gur neamh-threórach an duine thu, níl faic ná críochnughadh ar aon rud dá ndeárnair: neamh-chúramach, neamhghasta. Dá mbeadh sé ina fhear threórach, ní bheadh a chuid talmhan ag imtheacht bán ar an gcuma go bhfuil: éifeachtamhail chun a ghnótha. Seólann an bád úd go treórach, ná cuirfeadh sé aoibhneas ar do chroidhe bheith ag amharc uirthi: taithneamhach. Táid go treórach sa tigh úd, gach nidh aca a theastuigheas uatha aca, gan fiacha, gan dolaidhe ortha: seascair: ar aiste mhaith. Fág ar a mbuille anois iad, táid ag gluaiseacht go treórach: go héifeachtach. D'aindeóin a mhór-aoise tá sé treórach fós, is

beag rud a dhein sé riamh ná go bhfuil sé i ndán a dhéanamh: gníomhach. Ní thaithnigheann an chainnt mhí-threórach san liom, is maith is eól duit í do bheith as an slighe: cainnt aimhleasta. Bhíodar ag gabháil air gan aon truaighmhéil do, agus d'fhágadar go mí-threórach é: bascuighthe: gan a shiubhal ná a rian aige. Deineann taithighe threórach: as bhreis na conbharsáide gheibhtear an t-eólas nó an fhoghluim. "Ceann treórach na Fódla agus fulaing na nGaedheal/ Ceann cóigidh an leómhan dob ursa ins gach céim/ Ceann d'fhóirfeadh go ró-bhocht is d'Eaglais Dé/ Do cheann cóirighthe i gcómhrainn, cúis osna agus éighmheacht."

treóraidhe: *f.4.* ceann-ródaidhe, ceap, eólaidhe, giolla. Treabh gan treóraidhe, cad do b'fhéidir leó do dhéanamh?: gan neach chun eólais ná cómhairle do thabhairt dóibh. Treóraidhe na colna an inchinn: is uatha a ghníos an corp gníomh agus beart. Is mór an truagh aon dream daoine a chuireas a muinghin i dtreóraidhe a theipeas ortha: ceann: taoiseach: duine a stiúras is a cheapas bealach gnímh dóibh. Faid bheidh so mar threóraidhe agat ná bíodh aon eagla ort go raghair amudha, tá an t-eólas air is tá sé dílis: eólaidhe: giolla: duine chun thu do chur ar an mbealach atá uait. Treóraidhe maith madra: atá i ndán tréad is táin do stiúradh. Treóraidhe guthadáin: leabhar ina mbíonn ainmeacha, uimhreacha is seólta na ndaoine go mbíonn guthadán aca lé fagháil. Cé hé treóraidhe an tighe sin, budh mhaith liom fios d'fhagháil, an dteastóchadh síolta uaidh: an té atá ina cheap leis: an té go bhfuil muirearaighe an tighe air.

treóraidheacht: *b.3.* giollaidheacht, stiúradh, eólaidheacht. Dá bhféadfá aon treóraidheacht do dhéanamh ar bheagán leasuighthe dhom dhíolfainn rud maith as, táim an-mhór ina cheal: beartaidheacht: iarracht go sroichfinn é dá bharr. Cloisim go bhfuil sé ag treóraidheacht ar an bhfeirm úd do cheannach: ag tabhairt iarrachta air. Lé mí anois tá an lucht ceannais ag treóraidheacht faisnéise ar cá bhfuil an coirptheach i bhfolach: ag lorg. Dá mbeadh an treóraidheacht cheart ar an saoghal ní bheadh gannaidhe beatha chómh daor ná chómh deacair d'fhagháil: dá mbeadh an riar ceart ar chonbharsáid is thráchtáil. Dá luighead atá agat tá treóraidheacht mhaith déanta agat is a dheacracht atá earraidhe d'fhagháil: beartaidheacht: dá luighead is a bhí agat bhainis feidhm aiste. An droich-threóraidheacht a bhí ar an scoil budh bhun lé n-a dul ar gcúl: droich-cheannas: bainistighe olc.

treórughadh: *f.* (*-uighthe*) stiúradh, díriughadh, giollaidheacht, bainisteóireacht, tiargáil. Caithim mo shaoghal ghá threórughadh ar a leas, ach mar a chéile dhom bheith ag cainnt leis nó leis an gcloich ghlais: ghá chur in iúil do cad budh cheart do do dhéanamh: ag deimhniughadh an bhealaigh do. B'iongtach an treórughadh agat an áit seo do bhaint amach is a iargcúltacht: beartaidheacht: gníomh cliste maidir lé cuardach agus géire. Dia dár dtreórughadh, ní fios dom cad is ceart dom do dhéanamh, cá soir nó siar do thabharfad m'aghaidh: ghom chur ar an mbealach ceart. Connus eile dhéanfadh an leanbh, ach dul go holc, nách é sin treórughadh fuair sé: an tsolaoid a fuair sé. Sé cúram atá uirthi san amharclann na daoine do threórughadh chun a suidheachán: an tslighe do dheimhniughadh dhóibh. Déin treórughadh éigin ar an dtigh sara dtagaidh na daoine iasachta – is mór an náire an clódh atá air: cuir slacht ar an áit: tabhair clódh ion-amhairc air. Ní beag aige é féin budh mhaith leis gach aonnidh d'fhágaint fé n-a thréorughadh féin: cumas is cómhacht stiúrtha. Bhíos ghá threórughadh abhaile ach níor bh'aon

chabhair dom é, ní éisteóchadh sé liom: ghá chur ar a shúilibh do dul nó ag tabhairt eólais na slighe dho. Tá treórughadh ó Dhia ar an nduine sin má bhí ar neach riamh, ar a fheabhas atá sé ghá chosaint féin ar a namhadaibh: Dia ghá chur ar an mbealach díreach. Bímís ag treórughadh chun iascaigh tá an aimsir ag rith: ag tiargáil: ag cur gach aonnidh i dtreó. Fuireann an-mhaith, ach gan an treórughadh ceart uirthi ní dheanfaid aon rud cóir: an cóiriughadh is an cur lé chéile. Bead ag treórughadh chun codlata anois: ag ullmhughadh chun luighte tharm.

treóruighim: *b.a.* dírighim, stiúraim, tiargálaim, cóirighim. Go dtreóruighidh Dia thu, is mór mar táir in easnamh a chabhartha: go gcuiridh Sé ar an mbealach ceart thu: go stiúraidh Sé ar an gcasán iontraic thu. Ná treóruigh in aon droch-chuideachtain é: ná stiúruigh: ná beir ann. Treóruigh an dall ar láimh trasna na sráide: beir é ar an gcúrsa go ceart. Ón lá phósfair í treóróchaidh sí ar adhastar thu: imreóchaidh sí a toil ort: beir casta tímcheall ar a méir aice i slighe go ndéanfaidh sí aon rud is maith léi leat. Cé threóróchaidh an bád so?: céagaibh is eólgaisighe chuige?: cé bheidh mar chaptaen uirthi. Sid é an casán a threóróchaidh go dtí an tigh thu gan aon agó: ar é do leanamhaint béarfaidh sé ann thu. Ní threóróchaidh an saghas so oibre in aon áit thu, tabhair suas é: ní bhéarfaidh: ní thiocfaidh aon toradh dhe. Is minic, minic do threóruigheann an bhochtanacht chun córa: gurb é sin an toradh a thagas di. Is chun an diabhail do threóróchaidh na droch-chuideachtaidhe sin thu: sin é an toradh a thiocfas duit dá gcoidreamh. Pé cóiriughadh atá lé cur air treóruigh-se é ós agat is fearr atá eólas: stiúruigh: cuir gach aon rud i gceart: ná leig aon rud ar mí-riar. Cathain threóruigh an dall an dall: cathain b'fhéidir lé duine gan eólas eólas do thabhairt dá chóimhleacaidhe. Treóruigh (thu féin) mar sin: iompuigh, gaibh mar seo. Treóróchad mo chéim chun Dé: tabharfad m'aghaidh is mo smaointe ar Dhia. "Is treóruigh m'anam gan anfad id ríoghacht, a Íosa": beir eolas na slighe dho. A Dhia, treóruigh m'aineólas: beir chun an tsolais me. Cad threóruigh chugham an taca so d'oidhche thu?: cad sheól?: cad budh bhun léd theacht. Ceann urraidh chómh maith agus threóruigh arm riamh: a chuir i gcóir catha iad. Treóruigh abhaile na ba: seól iad. Éinne go mbeadh aon rud air treóruigh ar an ndochtúir úd é: dírigh: cuir in iúil do cá bhfuil sé agus mol do dul i gcómhairle leis. Cá dtreórófá me ar chapall mhaith?: cá dtabharfá eólas dom ceann do bheith. Treóruighir-se is oibrighim-se, sin mar budh mhaith leat-sa an cúrsa do bheith: tusa mar shaoiste is mise mar sclábhaidhe. Fear an eólais a threóróchaidh thu: a chuirfeas ar an slighe chirt thu: a bhéarfas solas duit.

treóruighthe: *a.r.* dírighthe, stiúrtha, curtha in eagar; riaruighthe. Chun rud d'fhagháil lé n-itheadh dar liom go rabhas treóruighthe ar an áit cheart, mar bhí teist na féile ortha ann: seólta. Teaghlach deagh-threóruighthe é siúd ní hiongadh an rath do bheith air: riar ceart ar a chúirimidhibh. Ag dul amudha atá an duine do-threóruighthe riamh: an duine ná faigheann an teagasc ceart. Dar leis an sinnsir go mbíonn an óige mí-threóruighthe furmhór a saoghail, i ndearmad go ndeárnadar féin lé n-a linn rudaidhe chómh leanbaidhe díreach: stiúrtha ar bhealach nách fearrde iad. Níl aon rud a bhí ar mí-riar ná in achrann ná go bhfuil treóruighthe anois agam, ní bheidh aon mhíoshásamh liom: curtha i dtreó cheart. Cé déarfaidh ná gur treóruighthe ó neamh do bhíos agus teacht mar a raibh m'fhuascailt: seólta: dírighthe.

treóruightheóir: *f.3.* eólaidhe, stiúrthóir, riaruightheóir. Faid agus tá treóruightheóir agat go bhfuil muinghin agat as ná bíodh aon eagla ort ná go raghair ar aghaidh: duine atá i ndán teagasc ceart do thabhairt duit. Má bhíonn an treóruightheóir lochtach beidh an bhuidhean ceóil bacach: an té a bhíos os a gcionn chun an ceóil do riar eatartha. Dá n-imtheóchadh aon rud air sin cad dhéanfaimís - ní bheadh aon treóruightheóir eile sa tigh againn ina dhiaidh: éinne a bheadh i mbun an tighe.

trí: *a. & d.* ceann breise ar a dó, a dó agus a haon. A trí spiarat: an cárta den ndath san go dtrí mball. Fuaireas trí chúig (cúigeanna) san imirt sin: bhuaidh mo chártaidhe trí huaire. "Trí braoin d'uisce, trí dteórann do chrothadh air, trí maideannacha": leigheas áirighthe. Labhras fé thrí leis gan aon tor d'fhagháil: trí huaire. Tá trí réidhteach is trí chur amach ar gach aon fhocal: rud do mhíniughadh agus tuairm chruinn do thabhairt fé. Fiacal con, dealg lathaighe is focal amadáin, na trí nidhthe is géire amuigh. Trí nidhthe nách féidir leó casadh ar dhuine – lá ó scoil, lá ó chéird nó Domhnach ó Aifreann. Rith uisce, rith teineadh, rith éithigh – na trí reatha is mó. Trí bliadhna fál/ trí fál each/ trí eich marcach/ trí marcac iolar/ trí iolar iubhar/ trí iubhar iomaire chriatha/ trí iomaire chriatha deirc an domhain. "Sílim", "b'fhearr liom", "b'fhéidir" – trí nidh gan bhrigh, gan éifeacht. Na trí donais is measa, síoladóir tiugh, díonadóir fliuch, bean tighe bheadh ag goid. Na trí baill is fusa ghortughadh – súil, glúin, uille. Na trí rianta is giorra a fhanas – rian éin ar chraoibh, rian bric ar linn, rian fir ar mhnaoi. Na trí héisc is mire rotha, rón, rannach. Peata sagairt, peata bacaigh, peata muice, na trí peataidhe is measa. Trí anacraidhe móra – cómhgarach tighe, cómhgarach croidhe, cómhgarach corcáin! Na trí nidhthe is fuaire ar bith – glúin fir, srón con, cíoch mná. Na trí beaga is fearr – beag na criocóige, beag na caorach, beag na mná. Na trí deiridhe is measa – deireadh sean-bháid, deireadh capaill bháin, deireadh máighistir scoile: ní bhíonn aon mheas ortha. Na trí rianta is sia a fhanas – rian guail ar muing, rian cairte i gclaidhe, rian céachda i gcrích. Na trí súile is géire – súil na circe i ndiaidh an ghráinne, súil an ghabha i ndiaidh an tairnge agus súil fir i ndiaidh a ghrádha ghil. Na trí saoghail is sia – saoghal an iubhair, saoghal an fhiolair, saoghal an iomaire chriathaigh. Trí nidhthe go mbíonn an rath ortha – tigh i lúib, ba dubha agus bean mheirgeach. Trí breághtha bréagacha – bean Domhnaigh, capall samhraidh, bó aonaigh: ní gnáthach breágh iad ach ar amaibh. Trí cómharthaidhe an tairbh mhaith – súil teann, múineál reamhar, éadan dána. Trí shaghas bocht – duine bocht lé toil Dé, duine bocht lé n-a thoil féin agus duine bocht dá mbeadh an saoghal aige: bocht gan leigheas air, bocht lé cionntaibh agus bocht ina chroidhe. Trí rudaidhe ná tagann meirg ortha – teanga mná, cruidhte capaill bhúistéara agus airgead lucht carthannachta. Trí nidhthe ná múintear – guth, féile, filidheacht. Faobhar, gaoth is grádh, trí nidhthe nách féidir d'fheicsint. Trí nidhthe nách ceart bheith ina n-easbhaidh – an cat, an seimné agus bean an tighe. Trí nidhthe a bhaineas lé sonas – fál, fascadh agus mochóirghe. Na trí mío-fhóirtiúin i dtigh duine – báirseach mhná, seimné deataigh agus díon tighe fliuch. Trí ghníomh ó mhnaoi – com seang, toll reamhar, agus meanma uallach. Trí ghníomh ó mhíolmuighe, rith géar, léim árd, is casadh grod. Trí nidhthe nách ceart d'fhear maoidheamh asta – toirt a sparáin, breághthacht a mhná agus mílseacht a chuid leanna. Na trí nidhthe is fusa ghortughadh – súil, glúin is uile. Trí nidhthe a bhaineas le bleaigeárd – feirc, feadghail agus fiafruightheacht. Trí nidhthe bhaineas lé críneacht – sainnt, clúmh is ingne. Trí nidhthe nách féidir do thuigsint – intinn ban, obair na mbeach, teacht is imtheacht na taoide. Trí nidhthe ná fuil aon iontaoibh ionta – lá

breágh samhraidh, sláinte duine chríona, focal duine uasail gan scríbhinn. Trí shaghas incheann – incheann reatha, incheann cloiche is incheann céarach, ní measa ceann aca ná a chéile. Trí rudaidhe ná raibh riamh – nead luiche i gcluais cait, girrfhiadh i gcródh con, gé ar gor i gcluais madaruaidh. Trí nidhthe ná réidhtigheann lé chéile – beirt bhan phósta in aon tigh, dhá chat os cionn aon luiche, beirt fhear i ndiaidh na haon mhná óige. Na trí gutha is binne – meilt brón, géimneach bó is béiceach leinbh. Trí nidhthe chómh maith le nidhthe is fearr 'ná iad – cloidheamh adhmaid ag fear meathta, bean ghránda ag dall, droichéadach ar mheisceóir .i. an fheidhm chéadna bhainfeadh meathtach as chloidheamh cheart leis an gceann adhmaid, budh mar a chéile sciamh nó mí-sciamh mná don té ná feicfeadh í, an déanamh céadna gheóbhadh síoda ó fhear meisce is gheóbhadh sean-phaca – an lathach. Budh chruaidh a chroidhe fó thrí ná carraig: trí huaire. Trí áilne na hÉireann – Dún Chaoin, Srón Bhroin, Ceann Léime. Beagán síl i dtalamh cóir, beagán bó i bhféar maith, beagán cáirde i dtigh an óil – na trí nidhthe is fearr amuigh. Bean bhreágh, capall bán nó tigh ar árd, trí nidhthe ná bíonn ádhmharach. Airgead úis, cubhar na gcárt, gaol na gcnámh, trí nidhthe gan rath. Beagán clainne ag rí, beagán síl in ithir mhéith, beagán banbh i gcródh, na trí beagáin is fearr. Trí shaghas fir – fear graftha, fear fiadhaigh, agus fear gaoithe .i. duine a oibrigheas, duine a bhíos ghá aoibhneas féin, is duine ná déineann faic ach cainnt.

trí-: *i gcfbh.* Bhuail sé hata trí-bheannach ar a cheann. Píce trí-mbeann dob fhearr chun na móna. Úirlis trí-mbior. Fathach mór, gráineamheamhail trí-cheannach: go raibh trí cinn air. Ní thagann sé ró-fhuraiste gort trí-chúinneach do threabhadh: triantán guirt. Ar nós na coda eile aca níl ann ach corcán trí-chosach, gort trí-uilleach: triantán guirt. Bratach trí-dhathach bratach na hÉireann – odhar, uaithne, bán.

triail: *b.5.* tástáil, fromhadh, tabhairt fé, cur chun, pléidhe dligheadh, seasamh, fulang, beart éirightheach, gaisce. Bain triail as mara bhfuil aon taithighe féin agat air, b'fhéidir gur gléas maith é: tástáil é: bain iarracht as d'fhéachaint connus mar tá aige: féach leis an féidir leat gníomh do dhéanamh leis. Ar mhaith leat triail do bheith agat air? gheóbhair amach gur fear an-ghalánta é: fios d'fhagháil trí n-a chur chuige. Táim ag triail na heochrach so, féachaint an osclóchadh sí an doras nó ná déanfadh: ghá cur chuige ag tabhairt fé n-a oscailt léi. Indiu an chéad triail ar an gcapall, ní fios cad é an mianach atá ann go dtí tar éis an ráis: tástáil: beidh an chao aige go mbraithfear a luas. Beidh me ar mo thriail indiu, lá an scrúduighthe: braithfear indiu m'eolas ar nidhthibh áirighthe: fromhfar m'eólas. Is minic a bhí triail agam air bíodh do mhuinghin as: is minic a bhraitheas a ghníomh ar chúrsaidhibh áirighthe. Bain triail as an bpíp seo: ól aiste, féach connus mar thaithneóchadh sí leat. D'éirigh leis ach triail do dob eadh a dhéanamh: chuir sé go dtí n-a aon bheart é. B'iongtach an triail d'fhear dá thoirt is dá luighead tuairm obair chómh dian léi do sheasamh: beart mhaith: gníomh gaisce. Tabhair triail dom-sa air ó tá ag dul díot-sa: cao ar mo neart, m'eólas, etc. d'imirt air. Ó táir chómh maith sin, dar leat, bíodh triail ort: tástáil rud do dhéanamh. Tabhair triail dom-sa air ó tá sé ag dul díot: leig mise chuige. Bhíos ag triail an ghluaisteáin nuadha, agus a bháil lé Dia isteach 'on díg liom: ghá thástáil an rithfeadh sí i gceart, má bhí aon locht uirthi, etc. Táim ghom thriail féin ag coisidheacht: ag fionnadh cá fhaid a shiubhalfainn nó connus mar ghoillfeadh an bheart orm. Déanfaidh sí triail fhada, tá na sluaighte fíné lé dearbhadh: lorgaireacht breitheamhan i gcúirt dligheadh. Triail Eimit, b'fheas an bhreith roim ré. Tá

an-thriail ann is a fhaid a iomchair sé an t-ualach trom san: fulang in aghaidh duaibhse. Tabhair triail indiu uait má thug fear riamh beir i gcomórtas dian: foillsigh righne agus buancas: ná claoidhtear nó má déintear bíodh a fhios nách gan strus é. Nuair bhí sé ar a thriail níor mhaith an earra é: ar a thástáil: dhá bhraith cad é an mianach a bhí ann. Tá trialacha bainte as an dtobac san agam agus ní maith a thaithnigh sé liom: tástálacha: chaitheas é d'fhéachaint cad é an saghas a bhí ann. Níl aon triail ann: ní sheasóchadh i bhfad: níl sé buan: meathtach atá ann: níl an mianach buan ann.

triailim: (**tréalaim**) *b.a. & n-a.* tástálaim, cuirim chuige, brathaim, fromhaim, cuirim mo ghníomh in iúil, féachaim lé, déinim turgnamh ar. Triail thu féin ar rámhaidheacht: cuir chun a dhéanta féach connus mar éireóchadh leat. "Níl aon ocras orm, ní fhéadfainn aon nidh d'itheadh" – "triail!": déin iarracht. Is minic do thréalas snámh, ach theip orm, síos liom ar nós na cloiche: do thugas fé shnámh. Tréaltar an duine ar an saoghal so: gabhann sé trí dhuabhais is anródh. Thréalas go han-mhaith, is mór an moladh atá ag dul duit: dheinis beart mhaith: thugais seasamh maith uait. Pé fadhb nó cúram do bhí ort aghaidh do thabhairt air ní raibh aon mheathtacht ag baint leat. Cuireadh marbhadh ina leith agus tréalfar air sin é: gheóbhaidh sé trí scrúdughadh agus cuardach os chómhair na dligheadh. An dóigh leat an bhfuil aon iasc sa loch san? ná tréalfaimís é?: déinimís a hiascadh go bhfionnam an bhfuil nó ná fuil. Creid me leis go bhfuil dearmhad mór orm-sa nó go dtréalfaidh an fear san go maith dhuit: go gcuirfidh in iúil ná clisfeadh ort. Cá bhfios d'éinne maith nó olc é? cé thriail é?: cé bhraith is a fuair amach connus mar tá aige? Tréalaidís a chéile, is annsan ní bheidh in amhras ar a chéile: féachaidís lé chéile céaca is fearr. Thar éis a nirt go léir nách olc a thriail sé sa deireadh: níor thug sé aon tseasamh uaidh. Tréalfad aon rud sa turus: tástálfad: raghad ina threis go bhfionnad cad é a thoradh.

triaisle: *f.4.* crann tabhaill. Go minic in ionad dul ar scoil, d'éaluighimís uaithi agus chaithimís maideanacha seacha agus triaislidhe againn ag caitheamh urchar lé héanlaithibh: gléas i bhfuirm gabhlóige, greim glaice ar a bhun agus sreang idir a dhá bheann. An triaisle do choimeád go daingean ina sheasamh i nglaic, an tsreang do theannadh siar leis an láimh shaoir, agus í d'fhuascailt go hobann do theilgean na cloiche etc. a bheadh ina lúib. Urchar triaisle. Níor mheasa dhuit urchar as thriaisle ná uaidh.

triaisleach: (**treidhsleach**) *b.2.* crios ar liathróid nó ar mheall cómhchruinn. Liathróid threidhslighe: mar deintí i gcóir iománaidheachta, etc., agus córda ina chreasaibh casta idir dhá shleamhanc innte chun a fuinnte is a cruadhadh. Cuir triaisleach ar an mbeartán: ceangal idir dhá cheangal chun a bhfásctha.

triall: *f.3.* (*-lta, -iaill, -réill*) turas, do dhéanamh turasa, dul, fágaint, aistear, cuaird, taisteal. Gach aon dóigh cuarduighthe againn is ár dtriail in aistear, cá triall anois?: cá dtabharfam aghaidh? "Cá triall?" ar seisean – "ar an ndiabhal!" arsa mise, is ghluais leis go mío-bhuidheach de féin: cad é deireadh do thaistil? "Cá bhfuil tú ag dul" – "ós ghá innsint do dhuine mhuinnteardha é, tá mo thriall ar an gcathair": sin é tearmann an turusa so. Cad n-a thaobh ná bíonn do thriall orainn lé fada riamh? cad dheineamair ort a chuir fuath an tighe ort: do chuaird: ná tugair turus orainn. Is fada an triall as so go B'l'Áth Cliath go mór-mhór ar an gcuma atá córacha iomchair fé láthair: aistear le taisteal. D'fhág sé sinn go mí-chéadfadhach oidhche amháin, níor thug sé triall ó shoin orainn:

taisteal, cuaird. Mar a mbíodh a thriall bhíodh gach éinne buidheach di: gach aon áit go ngaibheadh sé nó go dtugadh sé turus air. Ná loc an biadh choidhche is ná héar leabaidh chodlata ar thaistealaidhe triallta an róid: an té a bhíos ar bhóthar fhada. B'éigean ár dtriall ar an gcéir, do dhoirchigh an áit chómh mór san: bhí orainn solas coinnle do bheith againn. Rith ag triall ar bhraon uisce go ndéineam an té: téighir agus beir leat é. Cuirtear duine éigin ag triall ar dhochtúir gan mhoill, faid agus bhíonn an déith ann: chuige chun a iarrtha air teacht. Gach uair bhíodh airgead ag teastbháil uaidh is orm-sa bhíodh a thriall: chugham-sa do thagadh sé chun a chónganta. Sé cuma atá air go bhfuil a thriall ar an uaigh: nách fada uaidh an bás. Bíonn a thriall aige uirthi: cumaisceann sé í. Táimíd ag triall ar an Aifreann: ag dul fé n-a dhéin. Cad thug ag triall orm-sa thu?: cad é do ghnóth chugham-sa. Tháinig na gárdaidhe ag triall air: chun a thógtha. Ar a thriall soir do casadh an dream air: ar a thaisteal. Cathain bheam ag triall?: ag gluaiseacht. Ar mo thriallta níor bhuail aon áit liom dob fhéile 'ná é: ar mo chuairdibh. Na bóithre chómh dona san cheal aire nách féidir iad do thriall: taisteal, gabháil ortha. Níl aon triall anois ionam, chaill an choisidheacht orm: brigh luadair. An té go mbíonn a thriall ar Dhia ní baoghal do i ndeireadh dála: a ghníos úrnaighe, faoisdin is leór-ghnímh. Áit go mbíonn triall na ndaoine ann, ní bheadh a fhios agat cad a hárdófaí chun siubhail: bualadh: go mbítear ag turasadóireacht air. "Thána ós na hIndiachaibh thiar" – "is fada ó bhaile do thriall": do theacht. Is oth liom a thriall cad a dhéanfaidh a leanbhaidhe dá cheal? is mór an phudhair é: a bhás: a dhul. Níl triall sleimide ann: tá sé chómh mall-luadrach leis. Cuir leitir ag triall air, ghá iarraidh air teacht: chuige: chun a sheóladh: cuir fios air. Ná cuir aon scéala ag triall air, mara maith leis teacht ná tagadh: ná cuir cunntas ná cuireadh chuige teacht. Raghainn ag triall ort dá mbeadh gábhadh agat leis: thabharfainn cuaird ort chun maitheasa do dhéanamh duit. Sín do lámh ag triall ar an leabhar san anáirde ar an siolpa: chun a shroichte is a thógtha. B'ait an bóthar a dhéanamh é, is gan a thriall ar aon áit: ná sroicheann sé áit ar bith gurb áis é. Tháinig sí ag triall ar an leanbh, ach níor leigeadh léi é: chun a bheartha léi. Ghluais sé le triall na taoide: nuair bhí sí fabhrach. Is deacair triall na taoide do thuigsint: teacht is imtheacht. Triall na gréine lean é: gaibh siar. Triall na gréine os ár gcionn: an cúrsa atá aice. Bead ag imtheacht lé triall an lae agus choidhche airís ní bhuaidhirfead sibh: ar theacht do ambáireach. Ní fhéadfadh neach a shéanadh ná go bhfuair sé triall maith beatha, éinne a ghlan na cheithre fichid: seal: ré. Aon triall a dhéanfair coiscfead é: corruighe chun gnímh: iarracht.

triallach: *a.* i ndán gluaiste, tiargálach, cuairdeach. Ar mh'anam gur triallach an duine thu is teacht an fhaid ó bhaile in aimsir mar í: neamh-leisceamhail chun gluaiste. Budh dheacair duine níos triallaighe 'ná é d'fhagháil, bhuailfeadh sé i bhfiche áit in aon ló leat: siubhaltach. Bóthar so-thriallach é seo, tá sé réidh, mín: gur furaiste gluaiseacht air. Dúthaigh do-thriallach uait siar atá ann, mór-chuid chnoc is droch-bhóithre: do-thaistil: gur deacair gabháil tríthe. Tóg, a bhuachaill, tá lámh ró-thriallach agat-sa, fág id dhiaidh an t-airgead san: gurb éascaidh í chun corruighthe. An mbíonn sé triallach ar an dtigh agaibh mar bhíodh?: siubhaltach: an dtagann sé chómh minic?

trialladóir: *f.3.* cuairdeóir, taistealaidhe, lorgaire. Ar a raibh de thrialladóiridhibh 'on pharróiste b'é budh ghalánta dhíobh uile: cuairdeóiridhe. An bheirt a bhuail liom ar an mbealach trialladóiridhe ó chéim dob eadh iad ar an dteimheal bóthair a bhí ortha: taistealaidhthe: beirt a ghluais i bhfad. Níor bhain riamh amach an áit iargcúlta so ar

thoisc chómh conntabhartach ach trialladóir maith: lorgaire cliste. Trialladóiridhe leighis furmhór a dtagann chun an turusa naomhtha so: lucht loirgthe leighis. Trialladóiridhe eaglaise: iad so gur gnáth leó cuaird do dhéanamh chun úrnaighthe.

trialladóireacht: *b.3.* cuairdeóireacht, taistealaidheacht, turusadóireacht, logaireacht. Ní bheadh a fhios agat cá mbeadh a thrialladóireacht san, duine dorcha mar é: cad bheadh ar maoith aige turus do thabhairt ar áit. Is mór an trialladóireacht atá déanta aige d'iarraidh na háite d'aimsiughadh: turusadóireacht: gluaiseacht ina lia áit agus cuardach. Seadh, tá sé de bharr a thrialladóireachta aige gur phós sí sa deireadh é: an mórchuid turus a thug sé. Cad í an trialladóireacht a bhíonn an bealach so ort?: cad is bun leis an dtaistealaidheacht thart annso chómh minic? Níor bh'fhearra dhuit rud do dhéanfá 'ná fanacht ar do shuaimhneas ag baile, ní faic bheidh de bharr thrialladóireacht annso agat: an síor-theacht is imtheacht i ndóigh ruda éigin d'fhagháil.

triallaim: *b.a. & n-a.* gluaisim, taistealaim, siubhlaim. Triall!: gluais: corruigh ar siubhal. An dtriallfá liom go Corcaigh? cé fada ó bhaile é: an dtiocfá im fhochair. Triallann an duine céadna san ar a shuaimhneas i ngach áit: buaileann an bealach. Triall chugham léd bhuaidhreamh, tabharfad cluas chneasta dhuit: tair ar mo thuairisc. Triallfad ar an mbaile anois má fhéadaim is tá sé air agam: gluaisfead fé n-a dhéin. Mall Dia ach triallann a ghrásta: tagaid chun cinn in am thráth. Triallann sé roimis ó bhaile go baile is ó cheanntar go ceanntar ag lorg is ag bailiughadh: gluaiseann. Triallfad ort am éigin ná bíodh eagla ort: tabharfad cuaird ort. Ní thriallann aonnidh cóir ó easaontas: ní thagann as mar thoradh. Cá dtriallann an t-anam thar éis bháis dúinn?: cá dtéigheann sé chun stuidéir? Ní thriallfainn uatha choidhche lém thoil, bhí an oiread san ceana agam ortha: ní ghluaisfinn is a bhfágaint annsan. Thriall sé ó dhaoinibh galánta, budh dhual do croidhe mór do bheith aige: ling uatha: b'shin iad a shinnsear. Thriall sé ar an mbuidhin is mó: fuair bás. Go dtriallaidh t'anam Cathair na nGrást: go dtéighidh ar neamh. Cathain thriall sé an tigh? is dócha go raibh sé an-dhéidheanach: cathain bhain amach nó a shroich. Is annamh thrialladh sé chun scoile ina aonar: a imthigheadh fé n-a dhéin lé hintinn dul uirthi. Táim cortha, tnáidhte ag iascaireacht is gan aon rud dá bharr agam - triallfad ar shaghas éigin eile gairme: tástálfad. Sara dtriallad 'on uaigh beidh cúiteamh agam, bítear deimhnightheach de san: sara ngluaistear lém chorp in úir. "Triallfad abhaile is claoidhfead seal lém mháithrín": ní bheidh mo stuidéar in aon áit go sroichead é. Triallaim soir is triallaim siar, ach is mara chéile dhom é: ní thagann faic choidhche dem chorradghail. Ar thriallais fós?: ar fhágais?

triallaire: *f.4.* taistealaidhe, fánaidhe, aistearánach, raonaidhe. Nách é an triallaire é, tá an uile chéim ó Chorcaigh go hÁth Cliath siubhalta aige: raonaidhe. Budh dhóightheamhail an áit don dtriallaire é cun an tarta is an ocrais do bhaint de: an té a bheadh ag taisteal na slighe: a bheadh ar bhóthar fhada. Tá cosc ar thriallairidhibh ar Shasana gan cúram do bheith ortha: daoine a thaistealóchadh ann.

triallaireacht: *b.3.* taistealacht, fánaidheacht, gluaiseacht. Cad é an triallaireacht a bhíonn siar 'saniar thar an mbaile seo chómh minic ort?: gluaiseacht mar bheadh gnóth nó cúram ort. Ní maith liom in ao'chor an triallaireacht oidhche seo ar bhóithribh fada: taistealaidheacht: gluaiseacht.

trian: *f.1.* (*iol.* treana) an tríomhadh cuid, cuid mhór, "ceathramha" i roinnt. Na treana: guirt fachta mar ranna lé feabhas na talmhan. Ná bíodh aon ghearán ort, tá do thrian agat de: do chion agus cion maith. Dhá dtrian baoise ag an óige/ dhá dtrian uisce ar móintibh/ dhá dtrian gaoithe i gcrannaibh/ dhá dtrian sneachtaidh ar shléibhtibh/ dhá dtrian sainnte ag lucht saidhbhris/ dhá dtrian cainnte ag lucht póite. Dhá dtrian galair an oidhche: is ist oidhche is measa tinneas nó breóidhteacht. Dhá dtrian gaoithe lé beannaibh: na cnuic árda a thairringeas an chuid is mó den ngaoith. Dhá dtrian rinnce gothaidhe: an té go mbíonn geáitsidhe is cumaidhe aige tímcheall rinnce mheallfadh sé mórán. Dhá dtrian na hoibre gothaidhe: taidhbhse is blomas a chuireas an dubh ina gheal orainn. Trian gaoil coidreamh: aitheantas an bheart is mó i gconbharsáid. Déin treana den gcíste: trí coda comhthroma. Dá dtrian córa cómhachta: an té go mbíonn san aige is beag an mhaith don laige dul i dtreis leo dá mhéid a cóir. Dá mbeadh trian a chéille agat budh dheas an fear indiu thu: bheifeá go maith as dá mbeadh tríomhadh cuid a chéille agat. Dhéinidís trí treana den oidhche – trian lé hitheadh is lé hól, trian lé fiann-scoraidheacht is trian lé codladh, sin mar chaitheadh an Fhiann í. Dhá dtrian na dligheadh seilbh: an té go mbíonn aige is deacair a ruagadh.

trianach: *a.* ina thrí chodaibh; ag baint lé triúr. Na cómhachta trianach sa chogadh so – an Ghearmáin, an Iodáil agus an tSeapáin. Trianach atá an fheirm eadrainn: ina trí cuid. Comhacht thrianach atá againn ar an áit: socruighthe idir thriúr againn. An trianach: an tríonóid: an t-Athair, an Mac agus an Spirid Naomh. An laogh trianach: Uan Dé.

triantán: *f.1.* aon rud trí-chúinneach, trí-uilleannach; fíoghar chéimseata go dteórainn trí línte i ndéanamh trí uilleanna, cuid mhaith. Triantán trí-chosach cois teineadh is pota air: úirlis iarainn ar an ndéanamh san lé haghaidh áruistidhe beirbhthe do chur air. Tabhair do triantán den gcíste sin, tá sé silte leis an ocras: cannta maith, taithigeach. Triantán guirt: gort trí-chúinneach.

triar: *f.1.* triúr, an Tríonóid. Do ghluais an triar, an fear, a ghiolla is a ghadhar. An triar Éireannach: triúr. Moladh agus glóire don Triar i gcómhnaidhe: an Tríonóid.

triath: *f.3.* taoiseach, tighearna, uasal, flaith, éarlamh, maith. Beidh triatha na dúthaighe bailighthe ag corónughadh an ríogh: maithe na tíre: na huaisle. Níl triath ná máighistir air: é saor glan: níl air cíos do dhíol lé tighearna ná dílseacht do thabhairt, ná níl neach gur gábhadh dho a thoil do dhéanamh. Feacaim mo ghlúin agus sléachtaim mo cheann do Thriath m'anama: an Tighearna Dia.

triathas: *f.1.* tighearnas, réimeas, uachtaránacht. Seal do bhí triathas fairsing aige, císeanna is cáin ag teacht chuige anoir 'saniar: tighearnas: ceannas is cómhacht. Scaradar lé n-a dtalamhaintidhe, is d'imthigh a dtriathas mar imthigheann uisce na habhann: a réim: an ceannas a bhí aca ar na daoinibh.

tric: *a.* éascaidh, lúthmhar, luath, pras, tapaidh. Is tric a léim an cat ar an luich: éascaidh, mear. Is tric a oibrigheann sí an tsnáthad, ar éigean a thabharfá fé ndeara a méireannta ag gluaiseacht: méar-chliste. Bí amuigh go tric tá an namhaid ar do thóir: go héadtrom

seólta. Bhí sé chómh tric sin lé n-a mhéireannaibh nár bhraitheas ag dul im phóca é: chómh cliste, méar-éadtrom. Bí tric go deó, pé rud a bheadh ar siubhal agat, ná bí ag fagháil bháis os a chionn: aibidh, mear chun do ghnótha. Riamh ní fheaca rud dhá dhéanamh ní budh thrice is sciobadh an t-airgead os chómhair ár súl den gconntabhairt gan neach ghá thabhairt fé ndeara: budh luaithe agus budh chliste gníomh. Ghluais sé ar chosaibh trice ó staighre go húrlár is ó úrlár go staighre gan glór cait aige: éadtrom, éascaidh, aicillidhe.

trice: *b.4.* luaithe, éascaidheacht, aicillidheacht. Budh shásamh leat í d'fhaire ag foragháil, a thrice is ghníonn sí: a chlisteacht is a aicillidheacht do thriallann a méireannta: an oilteacht atá ag baint léi. A thrice a chasann sé earraidhe ina mbeartánaibh budh thaithneamh leat é: a luaitheacht, a chríochnamhlacht agus a chlisteacht. Trice na méire is trice na súl buaidh an fhir ghunna: prasamhlacht agus éadtromacht na méire, gléine amhairc, is cruinneas súl. Bheadh iongtas ort anois, dá mhéid ataoi, a thrice agus thabharfainn an talamh duit: a luaitheacht agus a shonaoideacht: bhainfeadh an bheart dá bhonnaibh duine lé n-a neamhchoinne.

tricheamh: *f.1.* feic **tritheamh**

tríd: *r.fh.* Ghaibh an lá thríd: ghoill sé go mór air. Gheóbhadh do dhorn tríd an bpoll do cuireadh ina chliathán: raghadh isteach ann. Chuireadar an scéal go léir trí n-a chéile, tríd is tríd: ó thúis deireadh is ar gach aon chuma. Léigh sé an cúnntas dom tríd is tríd go dtuigfinn an uile fhocal de: go mion is go cúramach. D'imthigh gach aonnidh tríd siar: níor fhan aon rud in a chliabhlach. "Tríd siar go ngaibhidh sé!" lé duine go mbíonn rud éigin ithte nó ólta aige is ná taithnigheann leat: ina chliabhlach (gan a mhaith do dhéanamh) nár fhanaidh sé. Níl sa chúrsa tríd amach ach drabhfhuigheall: siar ar fad go deireadh. San amhrán ar fad níl ann tríd síos ach droichfhilidheacht: i ngach aon phioc de. Is tríd sin agus ní toisc a fheabhas féin do deineadh uachtarán de: mar gheall air. Tríd sin, b'fhearr liom gan aon bhaint do bheith agam leis: ina thaobh san. Níl aon chion aca orm san áit, tríd sin agus uile tiocfad mar olc ortha dá aindeóin sin.

trilis: *b.2.* trillse, cliath, dlaoi, dual, cliath-obair, lóchrann, loinne, gluardhacht. Cliath thrilse idir na fáiseanna ghá ndeighilt ó chéile: cosaint lataidhe ina dtreasnánaibh ar a chéile. A trilse áilne ar sileadh léi go muirearach: dlaoithe. Rinne sí trilis eólais dom, ní raibh aon rud a bhí dorcha orm ná gur mhionuigh is mhínigh dom: lóchrann: coinneal. B'aoibhinn amharc ar an muir is na hoileánaibh fé thrilis na gealaighe an oidhche chiúin úd gan scamall ar aer: solasmhaireacht.

trilseach: *a.* cuachach, dlaoitheach, dualach; gluardha, lonnrach. A carn-fholt trilseach ag tuiteam dá guailnibh: dlaoithe fada, muirearacha. A folt trilseach órdha dá dtugas gean mo chroidhe: cuachach, fada, trom. Budh dhraoidheachtamhail é cuan na cathrach go trilseach ag an iliomad soillse ó áthraighibh ar ancaire is ón dtalamh istigh: lasta go gluardha.

trilseán: *f.1.* lóchrann, lampa, dlaoi, lonnracht. Budh dheacair dom puinn d'fheicsint sa doircheacht, gan agam ach trilseán geitire, is eagla orm go múchfadh an ghaoth orm é:

geitridhe scúighte fillte ar a chéile. Oidhche Lae tSin Seáin nuair bhíodh teine chnámh againn ghluaisimís ar na bóithribh is trilseáin i mbarra píce againn: lóchrann nó soillse déanta as smut de shean-éadach, sean-phaca, nó sean-anairt go mbeadh tarradh air. Trilseáin a cinn ar sileadh síos go caol a droma: dlaoithe fada. Soillse na sráide Oidhche Nodlag in aon trilseán amháin: bladhm lonnrach.

trilsighim: *b.a.* pléatuighim, fighim, cuachaim, dualaim. Lé faid a fuilt trilsigheann sí é: figheann sí ar a chéile trí cuir de.

trilsiughadh: *f.* (*-uighthe*) do phléatughadh, d'fhighe, do chuachadh, do dhualadh. Níor thaithin leis í do thrilsiughadh a cuid gruaige, b'fhearr leis muirearach í: d'fhighe go triopallach.

trínse: *f.4.* gearradh caol, doimhin sa talamh; créacht, díg, clais, cradhsan. B'fhearr bás d'fhagháil i dtrínse aon lá ag cómhrac dom dhúthaigh 'ná ar leabaidh shóghail im mheathtach: ag troid fé anacair ar pháirc an chatha. Chaitheadar i dtrínse é: i gclais talmhan is clúdach air. Trínsidhe chun uisce, seachain iad ní mór go dtabharfá fé ndeara iad: geárraidheacha. Go sínfear i dtrínse me ní dhéanfad labhairt airís leis: go gcuirtear 'on úir me. An meisceóir bréan ag tuiteam i dtrínsidhibh: i ndígeachaibh an bhóthair. D'fhág an tuile trínsidhe conntabharthacha ar éadan an chnuic: créachta: gearraidheacha.

trínseáil: *b.3.* curadóireacht go mbíonn an talamh riastálta ina iomairidhibh, claiseacha idir gach aon dá iomaire i gcóir cré na n-iomairidhe; cur; adhlachadh. An trínseáil nó drithlidhe a dhéanfair?: an talamh do chur ina iomairidhibh leathana mar is gnáth prátaidhe, cuir i gcás, nó mar cuirtear teornapaidhe i gcaol-iomairidhibh, dá scríbe i gcoinnibh a chéile. Is a thrínseáil a déintear leis an dtalamh tímcheall annso: cur iomaire do thabhairt air. An cladhaire, is mithid a thrínseáil, leig Dia a chosa tamall maith leis: a adhlacadh. Budh mhaith liom me do thrínseáil i roilig a bheadh suidhte in áit bhreágh: d'adhlacadh. Is gránda an trínseáil do tugadh air, é do chaitheamh síos i bpoll mar dhéanfaí d'ainmhí.

trínseálaim: *b.a.* déinim trínsidhe, déinim iomairidhe is criathar, adhlacaim. Sara mbeidh deireadh leis an gcogadh so trínseálfar na céadta mílte eile: sínfear marbh is cuirfear gan chómhrainn. Go dtrínseáltar mise, mhuis, ní thabharfad suas mo ghreim ar an bhfagháltas atá agam: go síntear san úir me. Trínseáladh na sráideanna chun píopa an uisce do chur in ionad. "Budh mhairgeamhail sinn an lá trínseáladh é": a cuireadh in úir é.

trínseálta: *a.r.* saothruighthe ina iomairidhibh is claiseachaibh, adhlactha, curtha. Talamh trínseálta: iomairidhe is claiseacha leathana i gcuradóireacht. Seadh, tá sé trínseálta againn go galánta: adhlactha. Na céadta trínseálta sa chogadh so: leagtha ar pháirc an bhuailte, adhlactha mar thuiteadar. Budh dheacair gluaiseacht aimsir na ndubh-chrónach toisc na bóithre do bheith trínseálta: créachta móra gearrtha ionta chun gluaiseachta do thoirmeasc.

trínsighim: *b.a.* déinim trínse. Do trínsigheadh tímcheall an bhaile chun a chosanta: gearradh créachta sa talamh a shealbhóchadh saighdiúiridhe.

trínsighthe: *a.r.* déanta i dtrínsidhibh gearrtha lé haghaidh cosanta. Ionad daingean, trínsighthe. Ucht pháirce an chatha ar fad trínsighthe: créachta is iomairidhe cosanta déanta feadh n-a bhrághad uile.

trínsiughadh: *f.* (*-uighthe*) do dhéanamh trínsidhe. Na saighdiúiridhe ag saothar ar dalladh ag trínsiughadh i gcoinnibh na namhad: ag déanamh gearraidheacha cosanta. Choimeádamair an ionga dhearg ar an namhaid ghá ruagadh gan eaga trínsighthe do thabhairt di.

trínsiúir: *f.3.* leac mhór, reamhar, chruinn adhmaid lé harán do ghearradh uirthi, ceathramha, ceirnín, mias. Rinncfeadh sí ar thrínsiúir dhuit .i. rinnceóir chómh maith san go ndéanfadh ionad cos a chumhainge sin í.

tríntealach: *a.* imshníomhach, corr-thónach, corr-bhuaiseach, corr-shuaimhneach, corr-ruaiseach. Bhriseadar mo chroidhe d'iarraidh a mbreith ar an margadh bhíodar chómh tríntealach san, ag léimeadh thar claidhe, ag filleadh is ag casadh: neamh-shuaimhneasach. Capall tríntealach é sin, tabhair aire dhuit féin air, ní bheadh a fhios agat cathain thabharfadh sé geit: giofaire capaill atá ann. Beir ina shuaimhneas anois air ná bí chómh tríntealach, ní ghoirteóchaidh an tsnáthad so in ao'chor thu: ruaiseach. Má bhír chómh tríntealach san doirtfir an ghloinne: lámh neamh-staidéartha agat. Cé hé ná bíonn tríntealach nuair bhíonn sé ar tí fiacaile do stathadh uaidh: faitchíosach, creathánach. Táir ró-thríntealach chun bruighne, níl aon ghnóth i gcuideachtain shúgaigh agat: ar bior chun achrainn: ar preabarnaigh chun gleóidh.

tríntealach: *b.2.* corr-bhuaiseacht, -thónacht, -shuaimhneas, -ruaiseacht; guilm gnímh, imshníomh. Cuir uait an tríntealach, suidh fút go suaimhneasach, tiocfaidh an té atá uait ach foidhne do bheith agat: corr-thónacht: ná bí ag léimeadh thall 'sabhfus is imshníomh ort. Tá sé tríntealaigh chun troda, seachantar é: ar léimrigh chúiche: fonn ceart air. Capall faitchíosach seadh é, chuirfeadh páipéar ag corruighe ar an mbóthar roimis ag tríntealach é: dhéanfadh míoshuaimhneasach, preabthach é. An capall ag tríntealaigh chun bóthair: é corr-thónach, fuadrach chun gluaiste. Chuir an capall tríntealach as, cómhartha gur scannruigh rud éigin é ná feaca-sa: chrith sé ina chroiceann agus leig sé gnús nó siotrach bheag. Chaitheas an oidhche airéir ag tríntealaigh, ní mór an néall a tháinig ar mo shúilibh: go mío-shuaimhneasach, suaidhte. Níl aon áit dá ngaibhim ná go mbítear ag tríntealaigh gháiridhe fúm pé ceann atá tógtha ges na daoinibh dhíom: ag tithirigh gháiridhe: miongháiridhe cúil-bhéalach. Is é bheidh de bhárr de thríntealaighe agat-sa go gcuirfir do cheann in áit ná féadfair é do tharrac as: neamh-staidéardhacht iomchair.

trioblóid: *b.2.* buaidhreamh, clampar, clipe, cruadhtan, duabhais, imshníomh, ceasnaidhe, brón, iomard, mairg. Gan aon trioblóid d'íosfadh sé ceann muice, creid nó ná creid é: gan duadh: ní chuirfeadh an méid sin bídh a ghoile thar a riocht. Ná cuir aon trioblóid ort féin liom-sa ag déanamh aon teachtaireachta dhom ná taithnigheann leat: ná cuir as duit féin: ná cuir aon duadh ort féin. Aithnighim ar a thríntealaighe atá sé go bhfuil trioblóid aigne air: buaidhreamh: rud éigin ag suathadh a aigne ar a ruaisighe agus atá sé. Ní tháinig trioblóid riamh ina haonar: tuiteadh iomard ar dhuine agus is gnáthaighe

go leanann a thuilleadh é. Ná cuir aon trioblóid anois go fóill orm: ná habair nó ná déin aon rud a chuirfeadh isteach orm. Ná bac thart an gort san do chur, ní fiú an tairbhe an trioblóid: ní haon chúiteamh ar an sclábhaidheacht é: is mó bheadh caillte ná beartha agat leis. Caitheadh glaodhach ar an ngárda chuige bhí sé ag déanamh trioblóide: clampar: suathadh: achrann. An chun trioblóide do tháinighis-se, go bhfuilir ag treasughadh ar gach éinne a labhras: chun buaidhrimh do dhéanamh. Ní bhíonn sé go ró-mhaith, tá trioblóid croidhe air: ceasnaidhe éigin. Cuirir trioblóid croidhe orm tú bheith ag déanamh rud bun os cionn: suathadh: goillir orm. An bhfuilir fé aon trioblóid ná feictear i mball ná i mbeárnain lé déidheannaighe thu?: an bhfuil aonnidh ag déanamh meargó nó clampair duit. Dearmhad mór orm nó is í trioblóid an bháis atá air: duabhais. Ní haon trioblóid dom thu, creid me leis: nílir ag déanamh aon chiotaighe dhom. Trioblóid i dtigh é: duine a chuireas as, a bhuaidhreas an líon tighe.

trioblóideach: *a.* clamprach, duaibhseamhail, deacair, ceasnaidhtheach, buadhartha, clipitheach, mí-riaghalta. Buachaillidhe trioblóideacha iad ná féadaim faic do mhúineadh dhóibh, lé gleódh: crosta: mí-riaghalta. An-bhreóidhte, an-thrioblóideach atá sé: iomardamhail: duadh mór ag breith air. Ní bhfaghaim aon leigheas don gcasachtaigh thrioblóidigh seo, sos ná staon ní thugann sí dhom: ciapuightheach. Obair leadránach, thrioblóideach an fóghmhar do dhéanamh i spad-aimsir: cuireann sí duadh agus buaidhreamh. Leanbh trioblóideach ar scoil ná géilleann do smacht ná do chómhairle: crosta: mí-riaghalta. Aicíd thrioblóideach: a leanas i bhfad agus a iarras mórchuid friothála agus aire. Céaca is trioblóidighe daille nó bodhaire?: is iomardamhla: clampraighe.

tríomhadh: *a. uimh.* treas. An tríomhadh duine déag clainne, nách maith an cómhaireamh é. An tríomhadh pearsa den Tríonóid Ró-naomhtha: an Spirid Naomh.

tríonóid: *b.2.* aondacht na dtrí bpearsan diadha san Dúileamh – an t-athair, an mac, an spirid naomh. “Mo thruagh-sa an teanga do spalpas, do spreáchas, an tríonóid le saobh-nós an éitigh”: a thugas an dúileamh mar fhíné ’na éitheach.

triop: *f.3.* clagairt, glór. Ghluais sé aníos an tsráid i midhe mhairbh na hoidhche is chloisfeá triop treap ge n-a bhrógaibh: glór trom dhá dhéanamh aige. Níor dhein sé an oiread is triop ag teacht isteach: an oiread glóir is dhéanfadh céim duine.

triopall: *f.1.* crobhaing, torpán, meall, scata den rud chéadna bailighthe go dlúith le chéile mar is dual dóibh, nó go neamh-thuiseach, beartán, foiscealach, loca. “Triopall treapall, corruigh, a rascail! cé méid mac atá gen rí?” – “mac indiu, mac indé is dhá chéad mac atá fén gcoill”: cad í an ghrogaideacht atá ort: staonadh. D’fhiafruigheas de cad dhéanfadh sé, ná raibh puinn eaga againn chun socruighthe, ach ní raibh aige ach triopall treapall: ní raibh aige ach huthanna is hathanna. Bailigh triopall luachra lé leathadh i mbéal an dorais oidhche Nodlag: beart (lé leathadh fé chosaibh na Maighdine ag fiosrughadh an tighe dhi). Shleamhnuigheas sa tsioc is tugadh mo thriopall anáirde: tógadh ó thalamh me is leagadh. Bíonn an oiread san íota air nách aon nath aige triopall cúig ’sa sé píntibh leanna duibh do thabhairt anáirde: a dtón: iad do dhiúgadh go tóin. An lá is fearr do bhís riamh, ná bíodh aon amhras agat ná go dtabharfadh an fear úd do

thriopall anáirde: go dtreascróchadh thu: go dtabharfadh lár (an talamh) duit. Deintear fíonta den uisce, síoda den triopall, oidhche na dtrí righthe: den luachair a bhíos bailighthe i mbéal dorais. Rug sí ar thriopall air nuair thug sé iarracht ar éigean do dhéanamh uirthi agus d'fháisc: ar bhodlach. Triopall gleóidhte caor ar crochadh sa tsiopa a bhainfeadh uisce ót fhiaclaibh: crobhaing: torpán díreach mar fhásadar. Cad é an triopall atá annsan ort ná fuilir ag gluaiseacht: neamhfhonn. Bíonn triopall éigin ar do dharadha i gcómhnaidhe ná féadair aon iascach do dhéanamh leis: achrann. A folt ina thriopall ar a cúl: bailighthe ina thorpán. Féach, tá triopall ar do ghúna, ná gaibh amach mar sin leis: rud éigin ar sileadh leis. An dóigh leat go dtagann na triopaill seo os chionn cluas do mhnáibh na haimsire seo?: locaidhe beaga cóirighthe de dhruim na gcluas.

triopallach: *a.* cuachach, dualach, crathach, torpánach; gasta, néata. Leanbh triopallach: gasta, go mbeadh a chuid go críochnamhail air. Chuirfeadh sé aoibhneas ar do chroidhe na leanbhaidhe d'fheicsint ag gluaiseacht chun scoile go triopallach: a gcuid éadaigh go gleóidhte, críochnamhail ortha is iad go glan, cíortha. Rinnceann sí go triopallach: néata, éadtrom, éascaidh. Aithneochair í siúd ar an bhfolt triopallach atá uirthi: é go crathach, cuacach, cóirighthe.

triosc: *f.3.* sceanairt, fuighleach, moirt, dríodar. Is iad na muca ciúine itheann an triosc: ní hiad na daoine is mó cainnt is díoghbhálaighe: an duine ná bíonn aon chainnt aige ghnidheas beart na ganfhiosaidheachta. Gheibhim a lán uatha, triosc an bhúird: an fuighleach. Ní ólfad-sa triosc shoithigh éinne: an rud a fhágas daoine eile ina ndiaidh. Níl sa té so ach triosc: dríodar.

triosclach: *f.1.* brach, trufais muc. Níor mheasa dhuit triosclach d'itheadh 'ná an saghas bídh a gheóbhfá uaithi: trufais. Trucaillidhe triosclaigh is gal beirbhthe ag éirghe asta ag gluaiseacht tríd an sráid ar ádh-mhaidean: an gráinne thar éis an tsughlaigh do bhaint as.

tríreach: *f.1.* cantain, trithear, giolcadh, glórtha géara, caola, groda éan, mar ghníd ar lóchtaint an lae nó leis an gcróntráth. Dhúisigheas ar thríreach na n-éan: giolcadh: giobaireacht: an ghrodghlórghail a dhéinid. Ceól ina croidhe beag óg b'eadh an tríreach a chloiseadh sé sa ghleann ameasc na dtor: glórtha éagsamhla, groda na n-éan. Níl aon oidhre ar thríreach gealbhan ach an gleódh aighnis atá agaibh: giobaireacht: gliofaireacht.

tritheamh: (**tricheamh**) *f.1.* snaidhmeanna, freangaidhe, racht, spreang, taom, taod. Cheap an bhean bhocht go bhfanfadh a leanbh sa tritheamh (casachtaighe) san: taod: taom obann go leanann snaidhmeanna, freangaidhe é. D'imtheóchadh leanbh i dtritheamh treacha: taod go mbíonn an duine dhá thachtadh is go dtagann cumaidhe ar na ceannaghthaibh is dath dubhghorm ortha. Tháinig trithidhe gáiridhe orm, gur shaoileas go dtuitfeadh an t-anam tur, te asam. Bheifeá ins na trithidhibh dubha fé, nuair chidhfeá a aiteasaighe is labhrann sé: gáiridhe chómh trom san go mbeadh an fhuil éirighthe suas it cheannaghthaibh is dath dubh ag teacht ort trín oiread san di do bhailiughadh innte. Cad bhíonn aca fút ach trithidhe: gáiridhe magaidh. Chuirfeadh sé éinne ins na trithidhibh: ag gáiridhe fé rud lé n-a ghreanmhaireacht. Trithidhe geala air gur bhuailis leis: mórchuid gáiridhe lé háthas.

triuch: *f. n-dh.* dath ar chartaidhibh i gclódh seamróige. Triuchanna is treabhfaidh siad .i. an té a chaitheann iad is gnáth leis buadhachtaint. Ní fiú deich triuch é: ní fiú faic é, mar ná buaidhfeadh an cárta san ach ar dhrámh. Muileat i gcóir an chruadhtain agus is cruaidh don triuch: cárta lag é chun bheith ag brath air an chúig dheireannach do thógaint. Dath an triuch air: báidhteach, mílítheach.

triuch: *b.* (*-reaca*) galar tógálach ameasc leanbh go leanann treathaidhe casachtaighe é gur dhóigh lé duine go n-imtheóchadh an galrach ionta. Is í atá ar an leanbh, cé bheadh in amhras trithim na treacha. An triuch go dtagaidh ort ná héisteóchadh!: dá mbeadh freangaidhe is snaidhmeanna ort le casachtaigh ní bheadh oiread cainnte agat.

triúr: *f.1.* trí daoine, rudaidhe. Tugadh sinne na bráigheanna os chómhair an scrúduightheóra in ár dtriúraibh: trí pearsanna dinn gach uair. Sinne triúr atá lé fanacht anso: trí daoine áirighthe. Mo thriúr cladhairidhe, thángadar is nuair fuaireadar mo dhrom leó ghoideadar a raibh agam: trí pearsanna a bhí cómh-olc. Táilliúir, píobaire is gabhar, an triúr is aeraighe ar domhan: an trí shaghas. Árduigh leat iad a dtriúr: trí pearsanna áirighthe. Aon, cuireata is cíonmhádh – triúr nách gnáth ar aon láimh, trí shaghas cárta. Triúr is géire radharc seabhac ar chrann, cú i ngleann, cailín i lár cruinnighthe: bíd a dtriúr go piaclach breithnightheach i ndiaidh a gcreiche. Táilliúiridhe, scríobhnóiridhe is cuit – sin triúr ná hoibrigheann gan chruit: gan druinn (dronn) do bheith ortha. Triúr gan feidhm – máighistir scoile gan scian, píobaire gan dos, táilliúir gan méaracán. Triúr fén sac Dé hAoine nauir bhíonn na daoine lag: ag strus na seachtmhaine níor mhór iad chun oibre fir aonair do dhéanamh. Neart triúir id ghéig, gnáth-rádh – tá sé chómh láidir le haon triúr: an-láidir. Cad do dhein do thriúr an dóigh leat ach an t-éitheach do dhearbhadh as béal a chéile. Mo thriúr clainne, ban, etc. Rás an triúir níor dhiúltuigh riamh é: cuaird.

triús: *f.1.* bríste fada. Ná beadh eagla agat roimis, an eadh? leathfá id thriús roimis! Tabharfam an tsúil ar an ndún is ar an Stát, múnfaid 'na dtriúsa an drong sin dár gcrádh: cuirfear an oiread san eagla ortha. An eochair in iascaibh áirighthe agus an déanamh san uirthi, tugtar bríste leis uirthi.

triúsán: *f.1.* éadach cnis cos is cromán.

trochailte: *a.r.* tuirseach, tugtha, cnaoidhte, cos tinn, suaidhte, tairrngthe, bacuighthe. Capall trochailte ag bóithribh fada is ualaighe troma: tugtha is bacach as a chosaibh. Caithfir-se sos d'fhagháil is gnóth is cúram do chur ar do cheann, táir trochailte: gan an tsláinte do bheith ar fóghnamh. Tar éis mí ag troid, do shíor nách mór, ar bheagán bídh is gan puinn codlata bhí na saighdiúiridhe chómh trochailte sin go rabhadar ag tuiteam as a seasamh: tnáidhte, tugtha, buailte amach. Ghaibh na cúrsaidhe seo thríd, a rian air gur ghoilleadar air, féach an cealltar trochailte atá air, riastaidhe go luighfeadh do mhéar ionta air: caithte, suaidhte, báidhteach. Agus mo chosa trochailte ó sheachtmhain siubhail, buinn leac ortha is an croiceann imthighthe díobh. Céim eile ní fhéadfainn do shiubhal, táim ró-throchailte: ró-chortha: buailte amach.

trócaire: *b.4.* truagh, coimirce, comaraighe, eineach, báidh lé duine a bheadh i lúib dhuine eile, ar a chur; ceannsa, taise, truaighmhéil, séimhe, maitheas. Déin trócaire

orainn, a Thighearna: bíodh truaighmhéil agat dúinn maidir lé n-ár gcorthaibh: bí báidheamhail linn: ná hagair ár bpeacaidhe is ár gcortha orainn. Táim i gcruadhchás, déin trócaire orm: déin fuascailt ar mo chruadhtan. Táid silte leis an ocras, déin trócaire ortha: tabhair biadh dhóibh. Is maith Dia fé thrócaire, acht ní bhfaightear bróga gan airgead: "iarrann Dia cabhair": ní thagann aon rud saor ó neamh ar an nduine. Nuair baintear geit as dhuine nó cuirtear iongadh air, "trócaire Dé!" Ní raibh an cíos agam ná fagháil air ó éinne agus ní raibh agam ach me féin do chaitheamh ar thrócaire an tighearna talmhan: ar a choimirce: dul i leith a dhaonnachta: é d'fhágaint fé nádúrthacht a chroidhe. Dá ndéanfá rud orm d'iarrfá trócaire Dé agus raghfá abhaile: Dia do bheith buidheach agus tú do chur ar do leas. Iarraimís trócaire ar Dhia sa chathughadh uathbhásach so atá orainn: truagh do bheith aige dhúinn. Go ndéinidh Dia trócaire ar anamachaibh do mharbh: go maithidh Sé a gcortha dhóibh. Tá sé ar shlighe na fírinne lé bliadhain, trócaire air: go ndéinidh Dia trócaire air. Ní raghadh seisean trí céimeanna trócaire leat, sin é saghas duine é: seal beag mar raghadh duine lé cómhairghe a bhuailfeadh leis gan choinne aige. A Dhia na trócaire, cad dhéanfad anois?: a Dhia, a bhíos maithteach, foidhneach, báidheamhail, stiúruigh anois me. D'iarras trócaire mí air, ach ní bhfuaireas, sheirbheáil sé me ar an dtoirt nuair ná féadfainn íoc leis. Is mór an trócaire an deoch bhríoghmhar san is me ar baillchrith leis an bhfuacht: maitheas do-choimsighthe. Duine b'eadh é ná deárna trócaire ar éinne riamh: nár dhein maith ar an té a bhí ina chall. "Ag guidheachtain chun ríogh ghil na glóire, is gan nidh ar bith acht trócaire im bhéal": lorg beidh maithteach, báidheamhail liom. "Athair na trócaire agus Dia na huile fhurtachta" (2. Cor. I. 3): truagh don gcionntach is don dream nár thuill é. Níl aon trócaire lé n-a theangain nuair thosnuigheann sé: bíonn sé an-bhorb, an-dhian. "Go ndéinidh Dia trócaire ar na mairbh, is minic do chuimhnighim ar Mháire," lé linn scéil éigin d'innsint mar gheall uirthi nó a hainm do luadh. Is baoghalach go bhfuil sé thar aon trócaire anois: nách féidir aon mhaith ná fóirithint do dhéanamh air. An té ná beadh trócaire aige dhom, ní bheadh trócaire agam do: ná beadh géilleamhail nuair bheinn fé n-a chumas, etc. Dia ná duine nár thugaidh trócaire air: nár thugaidh cabhair ná fuascailt air: ina bhroid nár thagtar chun a fhurtachta. Níl aon teóra lé trócaire Dé: bíodh ár muinghin i nDia, agus ní fios ach a mbeadh dá bhárr againn gan choinne leis, gan a thuilleamh fiú amháin. I bhfeirg, cuimhnigh trócaire: ná hagair í. B'shiúd í an dúthaigh ina raibh na daoine neamh-fháilteamhla, a fhágfadh amuigh fé thrócaire na síne thu: fé n-a géire is a cruadhtan.

trócaireach: *a.* truaighmhéileach, tais, maithteach, géilleamhail. Bí trócaireach, roinn liom, táim ag tuiteam as mo sheasamh leis an ocras: bíodh truagh agat do naoidhe na truagha. Bí géilleamhail dom chás, dá mbeitheá ag siolagar ní fhóirfeadh sé ort, is neamh-thrócaireach an duine é: duine gan aon ghéilleadh ná mothóilt do bhacaighe an fhir thall. Bí trócaireach, ná buail duine dearóil: bíodh truagh, géilleadh id chroidhe: bíodh mothóilt chneasta ann ná fuil sé ceart do dhéanamh. Gan triail, gan eile cuireadh chun báis é, nár neamh-thrócaireach an bheart é?: gan mhothóilt, truaighmhéil, géilleadh dá chás ná don éagcóir a bhí dhá dhéanamh. Is neamh-thrócaireach an bhreith do tugadh air - trí mhí príosúin ar bhollóig aráin do ghoid agus ocras air, gan géilleadh ar bith don bhfáth gur dhein sé é. "...Óir do bhí a fhios agam gur Dia grásamhail thusa, agus trócaireach, mall chun feirge, agus mór-chineálta, agus go mbí aithreachas uilc ort." (Jóna IV. 2): foidhneach, maithteach lé díoghaltas d'agairt ar an té a thuilleas é. "Is beannighthe na daoine trócaireacha; óir do gheabha siad trócaire" (Matha V. 7): iad súd go mbíonn an

mhaith agus an truagh ar a lámhaibh tráth ná beadh sé tuillte uatha. Ní fhéadfadh an breitheamh gan súil bhúidh, thrócaireach do thabhairt ar an mbráighe fé bhreith neamh-fhabhraigh an choisde mar bhraith sé ina chroidhe ná raibh an bráighe cionntach: truaighmhéileach: mothálach: géilleamhail d'aiste an bhráighe. Thugadar bualadh neamh-thrócaireach do, do dhubhadar is do ghormuigheadar gach órdlach dá chroiceann: aon bhraithstint ná motháilt ní raibh aca don méid a bhí dhá fhulang aige. Is neamh-thrócaireach an mháthair thu is bheith ag cur obair tighe ar ghearrchaile beag ná fuil ina dhéagaibh fós: cruadhálach: gan truagh ná motháilt croidhe.

trócaireacht: *b.3.* aiste nó stáid na trócaire. Ní trócaireacht a bhí dhá thaidhbhreamh don té a ghearraidh an chluas den asal bhocht san: ní raibh grádh Dé ina chroidhe. Is feas dom go bhfuil an trócaireacht ar a láimh riamh, ní fheaca ag gabháil thar naoidhe na truagha é gan déirc do thabhairt: an mhotháltacht don té a bheadh i ngábhtar. Bíodh muinghin againn as Dhia ná beidh Sé, ina mhór-thrócaireacht, ró-dhian orainn an lá déidheannach: cineáltacht is maitheasacht croidhe.

trochladh: *f.* (*-chailte*) dreóghadh, scaradh. Budh dheallramhthach go raibh an duine marbh tamall maith, mar bhí an corp ag trochladh, níor leóimhte é do chorruighe gan an-aire do thabhairt do: na géaga ag scaradh ó chéile. Leis an bhfaid a bhí an crann i bhfliuchra na díghe ní dhéanfadh sé áis na teine bhí sé ag trochladh: lobhadh: ag tuiteam as a chéile lé dreóghachaint. An duilleóg ag trochladh, tá an geimhreadh chughainn: ag scaramhaint leis an gcraoibh.

trochlughadh: *f.* (*-uighthe*) lobhadh, dreóghadh, truailliughadh, maslughadh. Aon nath ní headh aige ainm Dé do throchlughadh, thógadh sé í gan adhbhar ar bith: do mhaslughadh. Truagh shaoghalta dob eadh é, an lobhra bocht 'san fheóil ag trochlughadh annsúd ar a chnámhaibh: ag lobhadh. Na madraidhe is na hainmhidhthe marbha eile a caithtear 'on abhainn trochlughadh ar an uisce iad: sailiughadh. Ní bheinn ag trochlughadh m'aigne lé bheith ag éisteacht lé scéaltaibh gáirseamhla: truailliughadh: gan céim ceart riaghaltachta bheith dhá cleachtadh agam.

trochluighim: *b.a. & n-a.* lobhaim, cabhruighim, truaillighim, saluighim, éilnighim, tarcuisnighim, dísbeagaim. Tóg do mhéireannta salacha díom ná trochluigh me lé baint liom: ná sailigh. Trochluigheann sé an tsaoire lé hól is imirt: tarcuisnigheann: truailligheann: foillsigheann sé a mhí-mheas di. Míle uair sa ló trochluigheann sé, ainm Dé, is mór an radharc lé heascainidhthibh é: tógann sé gan adhbhar í. Trochluigheann ím má bhíonn droch-bholadh in aon ghiorracht do, tá sé an-leóchaileach: cabhruigheann: tagann mío-bhlas air. Throchluigheas as mo chosaibh ag faid meilt na mbóithre: thuirsigheas is bhacuigheas. Trochlóchaidh duilleóga, fiadhaile, aiteann is fraoch ach a gcur ina gclais mhóir agus déanfaidh leasughadh maith talmhan díobh: dreóghfaid.

trochluighthe: *a.r.* lobhtha, dreóighte, cabhruighthe. Ná hith an fheóil throchluighthe sin, tá sí ró-fhada marbh, féach tá dath dubh uirthi: cabhruighthe: i bhfíor-thosach a dhreóghachtainte. Duilleóga, préacha is gan aon trufais throchluighthe mar sin caithte ina gclais i dtóin an gharrdha chun leasuighthe: feóidhte, dreóighte. A thuilleadh oibre ní

féidir do bhaint as an sean-chapall, tá na cosa trochluighthe air: tugtha: caillte lé bacaigheacht.

trodach: *a.* cathach, bruigheantach, buailteach, cogamhail, bagarthach, achrannach. B'fhearrde an tigh anois é dá ngluaisfeá, táir ró-throdach is ní theastuigheann aon chlampar uainn: ró-chlaon lé troid do chur ar bun. "Is tú an sceimhle, an scallaire scannalach, scéaltach, gruamdha, gortach, trodach, taodach": tugtha d'achrann lé daoinibh. Bheadh sé choidhche in áit is ní chloisfeá focal as, duine maol, cúlbhánta, neamh-throdach, atá ann: ná bíonn fonn air dul chun cinn lé héinne ná briseadh ar shíothcháin. Budh cheart pusachán do chur ar an madra trodach san agat, is gan é do bheith ag dul i muineál gach aon mhadra a thárluigheas air: atá dúlmhar i mbruighin. Mara gcuirir uait an t-iomchar trodach atá fút tógfaidh na gárdaidhe thu, cá b'áil leat bheith ag béiceach go bagarthach ar dhaoinibh?: clamprach: claon lé hachrann do dhéanamh. Daoine trodacha atá i lár na hEóraipe, is beag sos a dhéinid ach ag dul chun cogaidh: fonnmhar chun catha, achrainn. Scaipeann ár namhada mar theist orainne, Éireannaigh, gur aicme throdach sinn: go bhfuilimíd tugtha dho agus claon lé hachrann do chur ar dhaoinibh eile nó ar ár muinntir féin.

trodaidhe: *f.4.* cómhairiceóir, faraire, duine achrannach, clamprach, suathadh. Sin iad na trodaidhthe ná fuil aon chré bhuidhe ionta, ná géillfeadh go mbeadh an duine donn déidheannach aca treascartha: cómhairiceóiridhe. B'fheárr liom gan bheith in aon bhóthar leis, tá an iomad den trodaidhe ag baint leis, ní bheadh síothcháin ná suaimhneas agat ná go mbeadh sé d'iarraidh achrainn do dhéanamh ar chúis, beag nó mór. Ní haon áit do throdaidhe bainis, ciúnas is deoch atá uainn, ní gleódh is achrann: suathadh (duine).

trodaidheacht: *b.3.* cómhairiceóireacht, clampracht, suaithteacht. Nách breágh ná raghaidh aon lag choidhche ar an dtrodaidheacht ann, ná féadann sé éinne do leigeant tharais gan péac do thabhairt fé: an fonn chun suaidhte do dhéanamh ar an suaimhneas. Cuiridh uaibh an trodaidheacht is croithidh lámh, ná déinidh seódh bóthair díbh féin: an fonn chun dulta i gcochall a chéile. Tá sé mínighthe ar mo thoil anois agam, tá an trodaidheacht curtha trí n-a chaolán: an mianach bruighne.

trodaire: *f.4.* cómhairiceóir, seadaire, gleacaidhe, sparnaidhe, gliadhaire, duine nó ainmhidhe dána, meisneamhail. Chuirfeadh sé in iúil duit gur throdaire ceart é, aon fhear a chuaidh i gcoinnibh triúir: cómhairiceóir ceart. Trodaire trú-chuirp, tubaisteach, lúbach: duine beag suarach, cam ná féadfaidh fanacht macánta. Dá luighead é toirt an mhadra san an-throdaire seadh é, ní ghéillfeadh sé dá ndéintí géiridheacha de: gadhar go bhfuil meisneach is coingheall ann. Trodaire fir ná hiarrfadh cabhair éinne chun gnímh guaise do dhéanamh: fear go mbeadh mianach neamh-eagla ann. Árd-throdaire riamh ar son na bhfeirmeóiridhe, níor choir sé riamh de bheith ag labhairt is ag obair dóibh: tagarthóir a gcúise.

trodaireacht: *b.3.* tréitheach chun cómhairic, bruigheantacht, giobaireacht. An trodaireacht chéadna ó Luan go chéile ag an lánamhain seo, gan focal séimh ná mín eatartha ach achmhusáin is míchéadfadh: giobaireacht, itheadh is bearradh. Tá an

trodaireacht ionta is í foillsighthe aca, féach a bhfuil de chathannaibh curtha go cródha aca in aghaidh iomadamhlachta sluaigh: an mianach cath do chur agus d'fhulang.

tródam: *f.1.* sraith daoine i ngreim glaice ar suathadh sall 'sanall mar bheidís ina bhfáinne tímcheall ar rud éigin. Tródam tródódam, tródóidimín díreach, tródam tródam, cé bhéarfaidh abhaile na caoirigh? (duain leanbh): téighimís i nglaic a chéile 'nár rang.

trodánach: *a.* achrannach, buaidheartha, clamprach. Éireóchad as mar scéal, fágfad idir áit is thigh agaibh féin is raghad in áit éigin mar a mbeidh suaimhneas agam, táthaoi ró-throdánach dom: lochtach: tugtha do ghiobaireacht is do ghiobadh. Bíonn cion a chroidhe aige ar bheith i gcuideachtain throdánaigh, mhairfeadh sé ar achrann: clamprach.

troid: *b.3.* cath, cómhrac, bruighean, coimheascar. Ná cuir troid ar éinne a leigeas duit, leig thart é: ná téighir chun bruighne leis: ná bí ag spochaireacht air chun bhur nirt nó gaisce d'fhoillsiughadh. Ní chuirfeá troid ar sean-chailligh: ní mór an mhaith cómhraic atá ionat. Níl aon amhras air ná go bhfuil fonn troda ortha ar na gothaidhibh atá fútha, sin iad ag caitheamh a gcasóg díobh iad: ag eiteallaigh chun bruighne. Troid na mbó maol do cheap na Púncáin do bheith 'san gcogadh so go dtí go ndeachaidh an tSeapáin leó féin, anois braithid adharca go leór air: cómhrac gan aon anam ó thaobh ar bith: mall: míothapaidh. Tá sé ina throid coileach i gceart eatartha: ag cómhrac go fíochmhar, gan aon mheathtacht ag baint leó. B'fhearra dho éirighe as, níl ann ach troid bodaigh lé sluagh: aindeiseóir is an dream uile ina choinnibh. Ó shoin i leith táim ag troid liom cad budh cheart dom do dhéanamh, scríobh nó gan scríobh: i gcás idir dhá chómhairle: ghá chur trí n-a chéile. Ní buan í troid na gcarad: achrann idir cháirdibh, is dóichighde críoch do theacht go luath air. Déanfaidh sé troid mhaith ar son a pharróiste, ná bíodh eagla ort go meathfaidh sé oraibh: seasóchaidh sé ar a shon. Tá an troid dheireannach ar siubhal, an troid ná buaidhfidh sé: an cath leis an mbás. Thug sé an-throid uaidh, an breac céadna shaoileas ná tiocfadh ar an bport choidhche: cath: cómhrac nó coimheascar d'iarraidh na cosa do bhreith leis. Ná déin aon troid, gluais leó go socair: freasabhra: cur in aghaidh. Troid chruaidh, chealgánta. Troid an anama: iarracht an anama ar dhul ar neamh. Chuirfeadh sé troid ar ingnibh a chos: duine clamprach ná bíonn uaidh ach achrann. Tugadh ordughadh dhúinn iad do throid ar lóchtaint an lae: cath do chur ortha. Más ag iarraidh troda ataoi gheóbhair do dhóthain di: d'iarraidh achrainn do mhúscailt. Is uathbhásach an fear troda é, níl aon lá ná go mbíonn gleódh aige lé duine éigin: duine ná beadh sásta gan bheith ag déanamh clampair, ag tarrac achrainn air féin.

troidim: *b.a. & n-a.* cómhairicim, bruigheanaim, téighim i dtreis lé, etc. Ní throidfidh an long choidhche an fharraige fhíochmhar san, tá sí ró-mhaith dhi: ní gheóbhaidh tríthi go buacach. I ndeireadh a gcoda throidid na coileáin: is furaiste easaontas dá mhúscailt ameasc daoine nuair theipeann an biadh ortha. Cad ná troidfeadh sé nuair ná bíonn an namhaid láithreach: bíonn meisneach an domhain air is bladhgar. Troidfead an cluiche seo leat: imreóchad go hearball siar é. Throidfidís a chéile ar bhúngó bhanngó: gan adhbhar ar bith raghaidís i mothall a chéile. "Ní theichfeam ód ríoghacht choidhche san gcaismirt acht troidfeam go binn bríoghmhar fad bhratach": déanfam ár ndícheall ar do thaobh. "Troidfidh gach n-aon díobh in aghaidh a dhreathár" (Isa. XIX. 2): beid i

gclampar is in achrann leó. "Troidfidh righ an deiscirt lé righ an tuaiscirt" (Dan. XI. 2): raghaid i gcogadh.

troidmhear: *a.* achrannach, clamprach, taodach, imreascach. Lánamha throidmhear atá ionta, tugaid íde na muc is na madraidhe ar a chéile, agus is minic is éigean dos na cómharsanaibh iad do chosaint ar a chéile: clamprach, achrannach, gleódhach. Aon chruisteach ní dhéineann ar neach, duine neamh-throidmhear atá ann: gan leagadh lé gleódh. Is gránda an rud cómharsain throidmheara: neamh-shuaimhneasach.

troigh: *b.2.* (*iol.* troighte, trathacha) an chos ó sháil go hórdóig (hárdóig), dhá órdlach déag ar faid, céim. D'éirigh clog ar dhrom mo throighe: ar a huachtar os chionn an chaoil. Troigh ní chorróchad as so, féach!: oiread agus céim. Mar bheadh sé ceangailte den áit níor aistrigh sé troigh: níor ghluais sé oiread agus ionga. Ní shiubhlóchainn troigh leis: níl aon mheas agam air. Troigh eile níl ionam: táim trochailte ag an dtaisteal etc. Níl troigh d'Éirinn ná go bhfuil siubhalta aige: ghaibh sé trí gach ball di. Slán mo chómhartha, bhain an t-inneall na trathacha glan de: an dá chois ó theorainn na n-alt. Leagadh den bhfalla me, b'é Toil Dé go dtánag ar mo thrathachaibh: a chosain ar ghortughadh me: ar mo bhonnaibh. Nách ait é gurb iad na daoine ar fuaid an domhain uile ná bíonn oiread agus troigh de thalamh a ndúthaighe aca is mó go mbíonn éileamh ortha troid ar a son: aon phioc. Bhíodar ag teacht troigh ar throigh: an-mhall. Troigh eile ní leigfead leat: coiscfead thu díreach mar a bhfuilir. Ní raghadh mo throigh in aon ghiorracht do dhul 'on bhróig: an chos. Dá mbeadh greim troighe ann, ach ní raibh, dhéanfainn beartaidheacht éigin: greim coise. Is mithid sos, táim ar mo thrathachaibh ó mhaidean: im sheasamh, ag siubhal, etc. Seacht dtroighthe ar aoirde is dhá throigh ar leithead a thoirt.

troigh-: *i gcfbh.* go gcois nó troigh. Budh ghean leat í ag rinnce go troigh-éascaidh: lúthmhar, éadtrom as a cosaibh. Bíonn sé deacair aige bróga d'fhagháil a oireamhnóchadh é, tá sé troigh-leathan: cosa níos leithne aige 'ná mar is gnáth. Gluaiseann sí aníos an tsráid gach maidean, triop treap aice go troigh-chaol, seólta: cos-chúmtha. Beidh do dhóthain cúraim ort gréasaidhe féin do dhéanamh bróg oireamhnach duit, táir chómh troigh-cham san: cos-cham. Éinne a ghluais chómh troigh-dhaingean leis budh dheacair a rádh go raibh sé óltach: go staidéartha ar a bhonnaibh. Ní dóigh liom go bhféadfá an chos do choimeád aice, tá sé ró-throigh-éascaidh dhuit: éadtrom, seólta as a cosaibh. Ní mór go gcloisfeá ag teacht isteach é, gluaiseann sé chómh troigh-éadtrom san: bíonn a chéimeanna chómh socair neamhghlórach san: saoghaluigheadh troigh-éislinneach mar sin é. B'shin í an ghluaiseacht throigh-mhall do rinneadar is a gcosa tinn cloguighthe ag an siubhlóid, budh dhóigh leat ortha ná sroichfidís a dtriall choidhche: siubhlóid dhuaibhseamhail. Ní mór an mhoill ar an gcailín troigh-sheólta so smut de bhóthar do chur di: éadtrom ar a cois. Troigh-throm a dhóthain atá sé ag teacht: go mall leisceamhail. Comhartha taithneamhach ar chailín bheith troigh-dheas: a cosa bheith cúmtha, córach.

troighdeán: *f.1.* mion-mhíol. Ní ghlanfadh a bhfuil de ghalbhanaigh ar an mbaile é, tá brat troighdeán air: é ithte le mion-mhíolaibh.

troighdeánach: *a.* míolach. Ní chómhnóchainn in aon tigh leis an rud troighdeánach: salach.

troighean: *b.2.* (*-ghne*) sughlach righin róisín nó giumhaise, sioplais. Chuiris an oiread san siúicre ar do chuid té go bhfuil sé ina throighin ar thóin do chupa: gan bheith leachta acht ina dlúimh righin. Sháidh an leanbh a ladhracha sa tsubh, is tá sé ina throighin ortha: ceangailte ar sileadh leó. Troighean éisc: úsc righin.

troighneach: *a.* righin, ar nós glóthaighe, srumach. Feamnach a bhíos bainte laetheanta bíonn sí troighneach: tagann srumaidhe uirthi. Tón an chupa troighneach tá an oiread san siúicre curtha uirthi: righin: ar nós sioróipe.

troightheach: *a.* ag baint leis an dtroigh. Fear mór, groidhe, beag-throightheach, ní thaidhbhsigheann sé ró-mhaith. Is í an bhean is fad-throighthighe dá bhfeaca riamh í: is sia cosa. Tá an bhróg ró-chumhang-throightheach chun a choise do chur innte: níl a bonn leathan go leór. Mall-throightheach go leór atá sé ag teacht, ní fheadar an bhfuil aon fhonn mór air?: an-righin, neam-éascaidh. Tuirseach duit, adéarfainn, is trom-throightheach liom ataoi: gan seóltacht céime.

troightheán: *f.1.* aon teannta go gcuirfeá do chos air – cúilín ráinne, stíoróip, an ball den rothar oibrightear leis an gcois, etc.

troighthín: *f.4.* coisín, lóipín, etc. Is cuimhin liom im óige leanbhaidhe is mná go mbíodh troighthínidhe sa gheimhreadh ortha ón oighear: loipínidhe: clúdach cnotálta d'uachtar bhrághad na coise.

troime: *b.4.* meádhachtaint, ualaidheacht, daingneacht, liosta. Ní hé a throime is mó a ghoill orm ach a liobarnaighe, cé go raibh os chionn dhá chéad ann: a mheádhachtaint. Meádhaidh id láimh é sin, féach an troime atá ann: an t-ualach atá ann: an cháilidheacht throm atá ann. A throime ar an dtalamh ní baoghal go gcorróchaidh sé: a dhaingneacht. Tá eagla orm go mbeidh troime na hoibre ró-mhór dom: duadh is clampar. Cad is fiú a throime ar dhuine láidir: é mar ualach. Is ar a throime mar éadach samhraidh: ádhbhar ró-throm: ró-dhuaibhseamhail lé hiomchar.

troiméis: *b.2.* tóstal, tábhacht, áird. Rud gan aon troiméis do dhuine airgeadamhail beagán do chailleamhaint anois is airís: gan tábhacht. An troiméis go léir atá ag baint leis, dar leis is ceart do gach éinne beannughadh dho: tábhacht: móraidheacht. Fear troiméise seadh anois é ó fuair sé an moladh san ar na páipéaraibh, beidh meas aige air féin dá bharr: mór-thábhacht. Duine chómh híseal linn féin seadh é, níl aon troiméis in ao'chor ag baint leis: mór-chúis: éirghe anáirde. Cuireann a mhaoin troiméis air, ní mór go n-aithneóchadh sé anois a lucht aitheantais: tóirtéis: cuireann sé breis mhór thábhachta aige air féin.

troiméiseach: *a.* tóirtéiseach, uallach, tábhachtach, mórdhálach, troigh-throm, mórdhálach. Is maordha í an eala ar linn, ach is troiméiseach í ar an dtalamh: gluaiseann sí go trom, leasc. Nuair budh bhoichte é ní raibh sé chómh troiméiseach, b'fhuraiste

labhairt an tráth san leis, ach anois tá sé ina choilichín coc: mórdhálach, ceann-árd. Níor ghábhadh dho in ao'chor an t-imtheacht troiméiseach, ní fheadar éinne cén chú chac é nó cén madra bhaist é: na gothaidhe mórdhálacha. Bheifeá bréan de, na geámaidhe bhíos fé, bíonn sé chómh troiméiseach san, dá mbeadh aonnidh uait air: an chuma thábhachtach a leigeann sé air.

troiméiseacht: *b.3.* tóirtéiseacht, tábhachtacht, mórdhálacht. Dheara mhuise, cad chuige an troiméiseacht?: cá bhfuil an cur leis?: cad fáth an lán so ar fad? Cuireann sé troiméiseacht leis an uile rud a bhíos dhá dhéanamh aige, budh dhóigh leat ná raibh éinne eile ábalta ar a dhéanamh ach é: bíonn mórchúiseacht air ina thaobh. Ní gábhadh trian na troiméiseachta tímcheall na bainise, ní hí an chéad cheann riamh í chun na móraidheachta ar fad: péacaidheacht: mórchúis, poimp.

troiscim: (**troscaim**) *b. n-a.* déinim troscadh, téighim gan biadh ar fad nó ó ádhbhar áirighthe biadhann dréir smachta creidimh. Go cinnte troiscim ar Aoine an Chéasta, ní ólaim bainne, ní ithim feóil agus déinim leis an aon bhéile. Is minic do throiscim ar fheóil: séanaim a hitheadh. "Achd adubhradar san ris, créad fá dtroiscid deisciobail Eóin go minic? agus créad fá ndéanaid siad úrnaighe? agus mar an gcéadna deisciobail na bhFairisíneach; achd ithid is íbhid do dheisciobail-se" (Lúcas V. 33): ná caithid an gnáth-thomhaltas bídh trí ghéilleadh creidimh.

troiscín: *f.4.* trosc beag.

troist: *b.2.* glór balbh mar dhéanfadh mála salainn, coirce, plúir, etc. ar thuiteam; sáthadh, ionsaidhe. Díreach agus é ag cainnt, ag fógairt a namhad soir siar, gan aon choinne leis thuit sé ina throist ar an árdán: ina chlais agus dhein glór marbh, balbh. Dhúisigh an troist ar an staighre me as mo chodladh: glór trom céimeann. B'ait liom cad é an troist a chuala nuair buaileadh a cheann i gcoinnibh an fhalla: glór balbh. Ní mór ná go raibh an t-ualach ró-mhuirearach do lé n-iomchar – chloisfeá gach aon troist aige fé: glór trom ge n-a chéimeannaibh. De gharbh-throist cuireadh isteach tríd an ndoras me: sáthadh trom, láidir. Troist tómhaiste na saighdiúiridhe: cóimhchéim throm. Fear trom, aindeis, a dhuine, baineadh an-throist as nuair thuit sé.

troistneach: *f.1.* glórghail bhalbh, throm, fuirse cos, pasáilt. B'ait liom cad bhí ag déanamh an troistnigh tímcheall an tighe i rith na hoidhche, ní fhéadfainn a dhéanamh amach an ainmhidhe nó duine a bhí ann: glór trom gan cnag. Déineann sé mórán troistnigh ag siubhal do, ní thugann sé a chosa go ró-ghlan leis: bíonn sé ag tarrac 'sag cuimilt a chos den talamh. An oiread san troistnigh ar an úrlár ag an lucht éisteachta ná féadfadh éinne an cainnteóir do chlos: fuirse lé n-a gcosaibh.

trom: *a.* deacair d'árdach nó d'iomchar, do-ghluaiste, duaibhseamhail, clamprach, doiiomchair; buadhartha, brónach, duairc; scamallach, néallach; saidhbhir doi-leachta; taosmhar; docht, righin; aindeis, tuathalach; neamh-éascaidh, leasc; bog, righin, dothaistil; claoidhte, géar, leanamhnach, torrach. Tabhair lámh leis an mbórd so d'aistriughadh, tá sé trom: deacair d'éinne amháin a chorruighe. Is trom an t-ualach putóga folamha: goillid go mór ar an gcorp agus is deacair do a n-iomchar lé n-a laige.

Mo chosa chómh trom le cloich: brathaim a n-árdach ’sa gcur deacair. Dá mbeinn ag cur síos choidhche dhuit ar a thruime ní fhéadfainn é, tá sé chómh trom le trom: an-throm ar fad ar fad. Tá m’inghean trom agat (ina mnaoi thruim): torrach: ag iomchar clainne. Le croidhe trom do ghluaiseas óm bhaile dhúthchais an mhaidean earraigh is thugas m’aghaidh thar lear: brónach. Trom cearc i bhfad: dá éadtruime rud a bhíos dhá iomchar ag duine bíonn ina ualach iomardamhail i bhfaid na slighe. Sin é é díreach, níl agaibh ach an ceann trom do bhualadh orm-sa i gcómhnaidhe: an chuid is mó den mhilleán. Ní hí an bhean is áilne is truime ciall: is glioca nó is gaoismheara. “Ní truimide an loch an lacha/ ní truimide an chaora a holann/ ní truimide an t-each a shrian/ ní truimide an cholann ciall”: ní haon ualach dóibh iad. Trom an rud an leisce don té go mbíonn sé air: ciapuightheach: deacair bruic leis. Talamh trom, ní fhásfadh coirce ró-mhaith ann: go mbeadh cré righin, leanamhnach ann. Lá an-chonntabharthach ar muir seadh é, tá farraigidhe troma ann: tonnaidheacha árda, reamhra. Buaileadh an doras go trom, duine bodhar ná cloisfeadh sé: bualadh go raibh fuinneamh leis. Chuala an chéim throm bróg ag déanamh ar an dtigh: céim go raibh troist aice. Tá glór an-throm indiu agat, an bhfuil slaghdán ná aonnidh mar sin ort?: an ghuth gan bheith glan-ghlórach. Duine leisceamhail atá ann gheóbhfá ina chodladh throm é um eadarshuth bó: ina charn codlata: deacair do mhúscailt. Budh dheacair duit cuimhneamh ar aon rud bhís trom le deoch: an oiread dighe caithte agat is ná raibh an chiall soiléir. Cuma throm ar a shúilibh tar éis ragairne na hoidhche: neamh-aibidh. Is minic do bhíonn deoch throm air: mórchuid di ar iomchar aige is a chéadfaidhe dúr dá réir. Is í an dias is truime is ísle chromas a ceann: is é an ceann is mó fuaimeanta is lugha go mbíonn réim fé. Fuair sé tuiteam an-throm, níor bh’aon iongadh é do ghortughadh go mór: tuiteam a shuathaidh go mór é. Siubhlann sé i bhfad ró-throm: tuathalach, neamh-sheólta. Ní réidhtigheann an t-arán so liom in ao’chor, tá sé an-throm: níl a dhóthain sóide ann: taos ró-dhlúith ar a chéile ann. Biadh ró-throm, ceann muice, prátaidhe is gabáiste: deacair do dhíleaghadh. Tair i ngiorracht do dhroch-aimsir, tá spéir an-throm ann: scamallach, íseal. “Budh ghnáth mé siubhal ar chiumhais na habhann/ ar bháinseach úr ’san drúcht go trom”: mórchuid de ar an dtalamh. “Is tuile gan tlás ag tál go trom léi”: ag teacht ina shlaod: í go ró-dheórach. An dúil mhairbh aige i dtobac, imtheóchaidh a chiall uaidh mar tá sé go trom ina ghábhadh: braitheann sé a cheal go géar. “Tón trom”, adeirtear lé duine go mbíonn sliasta móra air is a bhíos aindeis dá réir. An mbítear trom ort san áit sin, nó an mbítear géilleamhail?: dian, cruaidh. Ná buail trom an táirnge nó camfaidh sé: ná cuir fuinneamh léd bhuille. Is trom an boladh atá ón bhfíon san: gheibhtear é toisc an oiread biotáille do bheith ann. Tá tuairisc throm agam chúcha is ní fheadar connus a sceólfad é: go bhfuil brón ag baint leis. An bhfuilim trom ort?: an mbrathair go mór mar ualach me? Ghní sparán trom croidhe éadtrom: nuair bhíonn airgead ar ár gcur againn taidhbhsigheann an saoghal is an bheatha níos fusa d’fhulang dúinn. Bíonn luaidhe, gainnimh, iarann, ór etc. trom: bíonn ualach ionta. Ní scríobhnóir deas ná slachtmhar me tá lámh ró-throm agam: tuathalach, bíonn iomad duibh im dhiaidh. Lámh throm lé casúr atá agat, a dhuine: neamh-chliste. Ní maith lé mórán oibriughadh fé - dar leó go bhfuil lámh ró-throm aige: go bhfuil sé ró-dhian. Cuireadh na gunnaidhe troma ag rúscadh na cathrach: móra: go raibh méid ionta agus ualach ina n-urchar. Tiocfaidh lámh Dé go trom ar lucht na héagcóra lá éigin: beidh díoghaltas ag Dia ortha. Ní maith é luighe trom ar bhochtaibh: peaca marbhthach seadh é: bheith dian ortha. Cloisim go raibh iasc trom airéir ann: go rugadh ar chuid mhór de. Ní fada ó bhreith an bhó, tá úth throm aice: séidte. Beidh féar trom ar an ngort san, tá sé ag teacht chuige féin

go héachtach: tiugh, fada. Is ar éigean d'fhéadfá t'anál do tharrac ann, tá an t-aer chómh trom san: múchta, meirbh. Lá trom indiu agam, táim ar siubhal ó gheal lá: gnóthach, duaibhseamhail. Lá trom a b'eadh é, ná féadfá puinn oibre do dhéanamh: brothallach: múchta. Bheadh a fhios aca a dheacracht maireachtaint dá mbeadh muirear trom ortha ar bheag-thuarastal: mórán clainne. Thug an giúistís breith ró-throm air ar an gcoir a bhí curtha ina leith: cuireadh an dlighe ró-dhian air. Chuireas mo cheann thar dhoras, ach sin a raibh ann, bhí sé ag cur go trom: báisteach nó sneachtadh ag teacht go tiugh. Brathaim an-throm ionam féin indiu, is dócha gurb í an aimsir atá ag cur orm: meirbh, neamh-éascaidh. Má leanann an cogadh so air beidh luach trom ar nidhthibh áirighthe atá deacair d'fhagháil: airgead mór. Dia d'éadtromughadh ualach trom na bpeacaidhe: an oiread san aca go mbíd ina n-iomard ar an anam. An-chúinse duine atá ann, níor chuala riamh aige d'éinne ach an focal trom: masluightheach. Ag tógaint ruda do dhuine déarfaí leis, "ná téighir ró-throm": ná hárduigh an iomad leat. Chuaidh an scéal trom go maith air, chaill sé míle púnt leis: an-dhian. Beidh troid throm anois ann chun dán an bhaile sin do shocrughadh: dian, fíochmhar, cealgánta. Fágadh iarracht throm airgid aige lé hudhacht, na mílte: deascán mór. Fuaireas iarracht throm treasna na ngualann a leag ar bhior mo chinn me: stiall fhuinneamhail, ghonta. Beidh iarracht throm choirce ar an dtalamh san, tá árd-bhorradh fé: barra flúirseach, saidhbhir. Budh mhór an t-ádh a bhí leis is an cath trom breóidhtighe sin do chur de: ionsaidhe an-dhian. Nuair labhrann sé, ní maith liom é, bíonn béal an-throm air: tagann cainnt ró-dhian ar dhaoinibh uaidh. Beidh ceann trom tar éis na hoidhche agat má luighir leis an ól: suaidhte, breóidhte, tinneasmhar. D'fhág na báiseanna go léir a rug air aigne throm aige: duairc. Leig mise chuige sin, tá cúis agam air agus cúis throm, leis: mór: foistineach. Ní dhúiseóchadh cluig na Mumhan é is an suan trom atá air: leadránach, do-mhúscailte, dlúith. Chuala pléasc throm, agus baineadh preab asam: go raibh fuinneamh léi: mór-ghlórach. Tabharfaidh an talamh san sochar trom: toradh maith, mór. Beidh cruinniughadh trom sa tsochraid sin indiu: mórchuid Éireann daoine. Tá an dinnéar ina ualach trom ar mo chroidhe: ina luighe gan díleaghadh im ghoile. Má táim mall táim trom: tá cuid mhaith dhá iomchar agam. Beidh sluagh trom ag féachaint ar an gcluiche sin indiu: tionól mór. Bíodh a bhuidheachas agat ar an ngrádh trom atá aige dhuit, mara mbeadh san is fada fuar go maithfeadh sé dhuit: searc, cion an-mhór. Thug sé tón an áruis anáirde gan a thógaint dá cheann leis an dtart trom a bhí air: íota: dúil agus feidhm mórchuid d'ól. B'é do leas throm dá ndéanthá rud orm an chuideachta úd do sheachaint mar nách maith ná cóir an teist atá amuigh ortha: maitheas gan teóra. Gonadh go trom é, cuireadh seacht gcréachta ann: go ró-mhór. Budh thruime do chroidhe 'ná mo chroidhe-se dá mbeadh na fiacha troma céadna ort: oiread san éilimh airgid is gur rí-dheacair teacht suas leis. Ní fada ó chlainn í, tá sí taobh-throm go maith: torrachas mór déanta aice. Iompóchaidh an t-ualach san, tá leath-throm air: leagadh ar thaobh: tá sé leath-íseal. Meádhaidh ceann aca i ngach láimh, nách dóigh leat ná go bhfuilid comh-throm: an mhéid chéadna ualaigh ionta. Is truime ghoilleann a bhás orm-sa 'ná ar éinne agaibh-se: is mó luigheann orm: is déine bhrathaim é. Chuir sé fearg throm orm, ní fhéadfainn foidhne do dhéanamh air gan é do bhualadh: buile. Caitheadh é do cheangal, go saoraidh Dia sinn, tháinig an bhuile throm: chuaidh sé lé báine. Tá sé in ionbhaidh na bliadhna anois go mbíonn crainn is fáis go trom fé bhláth: iomadamhlacht bláth ortha. "Tigidh chugham-sa, uile a bhfuiltí tuirseach agus fá an-ualach throm agus do bhéaraidh me fuaradh dhaoibh" (Matha XI. 28): mór-chuid cortha. Ar na tuiltibh atá sa haibhntibh indiu rinne sé uisce trom airéir: mórán mór báistighe. Brathaim nách féidir

liom mórán siubhail do dhéanamh indiu, tá mo chnámha ró-throm: tá dútaidhe ionta: níl éascaidheacht cuirp ionam. “Is trom í an chloch, agus bí an ghainnimh muirghineach; acht is truime fearg amadáin ’ná iad araon” (Seanráidhte XXVII. 3): is deacra bruic léi. “Acht do bhí lámh an Tighearna trom ar mhuinntir Abstod, agus do scrios Sé iad...” (1. Sam V. 6): deacair d’fhulang. Ciúnas trom im thímcheall, b’eaglaighe liom na glórtha borba: diamhair. An glór trom tóirnighe a lean ar feadh na hoidhche: an-árd. Chuir an scian gearradh trom ina láimh go raibh fuil ag gluaiseacht ina slaodaibh as: doimhin, leathan. Níl aon deallramh eatartha, tá ceannaghtha throm ag an té adeirim-se: garbh, neamh-mín. An-chonntabhartach fanacht ar rothar síos leis an gClasach, tá fánaidh throm leis: géar: tuiteamach. Meisceóir trom a bhí ann, b’fhuraist aithint nár bh’fhada b’fhear é: a óladh thar cuimse. Ceannaidhthe troma atá ar an mbaile, bíonn trácht lia-earra aca: a ghníos mórán gnótha.

trom-: *i gcfhbh.* go n-ualach mór, adhbhal, dian, géibhineach. Cuireann daoine trom-aigeantacha duairceas orm, ní háil liom a gcuideachta: go mbíonn an galar dóghach ortha. Is tú an duine is trom-aistearaighe dár bhuail riamh liom, cathain bheidh deireadh do chuid maingisínidhe curtha lé chéile agat: rudaidhe lé breith ó áit go háit mar culaitheanna, bróga, etc. Ní fheadar cad bhí thiar air ach do bhí trom-ailp éigin: rud toirteamhail mar bheadh goidithe nó fuaduighthe aige. Súil lé breith do shíor aige – go dtuitfeadh trom-amhantar air lá éigin: ádh thar na beartaibh. Go n-éirighidh leat go geal, is rómhat atá an trom-aistear: turus atá deacair do thaisteal. ’San áiteamh dóibh níor fhanadar ar an dteangain, phléascadar a chéile: aighneas a bhí go te, dian eatartha. Ní scarfaidh an trom-anródh choidhche leat, cad chuireann an oiread so de chúram an tsaoghail ort anois ar uain gur shaoileas go rabhais scartha lé buaidhreamh: breis agus dóthain clampair. Caithfear trom-allus do bhaint as chun na breóidhteachta so do ghlanadh amach as: an t-éacht alluis. Bheadh trom-aiteas ort aon chruisteach do dhéanamh ar dhuine ná fuil ag déanamh aon mhearbhaill duit: mearbhall míochuibheasach. Nách taithneamhach an radharc gort breágh trom-bhláthach prátaidhe: go bhflúirse bláth. A Dhia, ná déin trom-bhreitheamhnas orm, bíodh truagh agat dom: ná daor mé dréir mar tá tuillte gem chorthaibh. Casóg mhaith a chosnóchadh an trom-bháisteach so: go bhfuil mórchuid uisce innte. Rug sé chugham trom-bhacla leabhar, iad go léir ag trácht ar stair: lán mór baclann. Ní maith liom thu, táir ró-throm-bhéalach ar na cómharsanaibh: bíonn an iomad cainnte neimhchirte agat ina dtaobh. Ní mór ná go bhfuil mearbhall im cheann ag an dtrom-bholadh atá istigh sa pholl so, ná tagann aon aer ceart choidhche ann: an-mhúchta. Bíonn furmhór mór na ngormán trom-bheólach, ní hionann is na daoine bána: pusa reamhra, tútacha aca. “Nuair chuirim-se rómham rud do dhéanamh”, ars an bladhgaire, “duine trom-bheartach me”: deinim gaisce mhór. D’árduigh a raibh tímcheall an tábhairne a shúile nuair bhuail an tuata trom-bhrógach isteach chúcha: bróga i bhfad níos truime ’ná mar is gnáth do chaitheamh. Luigheamair isteach fé chrann trom-bheannach mar a raibh cosaint againn ón ngaoith: géaga móra, croma air. Budh chosamhail é ghá leadradh le hOscar trom-bhéimeach: na buillidhe a théigheadh ina luighe go dochaiseach. Is é a croidhe a bhí go trom-bhuadhartha ag feitheamh i rith na hoidhche fhada gheimhridh leis an té ná raibh ag teacht: cráidhte, suaidhte. Trom-bhascuighthe? is é tá mar sin, má fhágann sé a leabaidh ar an dtaobh istigh de ráithe beidh an t-ádh air: goirtighthe go dochaiseach. Bó mhór trom-chliabhlaigh, ní dóigh liom go bhféadfadh sí siubhal chun aonaigh an fhaid sin: bolg is

tímcheall mór aice. Ainmhidhe trom-chorpach an míol mór: toirt is ualach ann. Aosta trom-chnámhach anois is beag í mo lúth: gan seóltacht ná éascaidheacht ag baint leó. Búiste trom-chorránach go raibh cuma an doichill air gur cuireadh ina láthair me: mór, feólmhar. Fámaire trom-chluasach, trom-chosach, trom-chéimeach a bhuail Dia mar choimhde bóthair chugham: pleidhcidhe cluas is cos air is gan é éascaidh ar a chosaibh. Maoidhtear go raibh Éire trom-choillteach anallóid: go raibh coillte go flúirseach ar a fuaid. Fuinneóg throm-chómhlach dob eadh í a bhí lé gabháil tríd againn agus níor bh'aon obair "gabhaim siar" í: adhmad láidir, reamhar ina cómhlachaibh. Ná taidhbhsigheann sé an-ait, é ró-throm-cheannach dá chorp: é i bhfad ró-thoirteamhail. Is iomdha san trom-chómhairle gur shuidh innte is cúirimidhe tábhachtachta na dúthaighe dhá chriathairt. Fear géagach, trom-dhórnach, nár mhaith buille uaidh: dóirne go mbíonn fuinneamh is neart ionta aige. Ní mór an díoghbháil an gabáiste sin do sporadh, tá sé trom-dhuilleógach: iad leathan, silteach air. Bád ná beadh ró-mhaith i bhfarraige reimhir í, tá sí mós trom-dhéanta: gan í curtha lé chéile go slachtmhar, ceárdamhail. Is mise bhí go trom-chroidheach annso in bhur ndiaidh go haonarach is a fhios agam go rabhair-se 'gbhur n-aoibhneas féin: duairc, neamh-shubháilceach. Ní fuláir nó is trom-chúis éigin a thuig i midhe mhairbh na hoidhche mar seo thu: rud éigin an-thábhachtach. Beidh an chúirt ina suidhe i bhfad, tá cuid mhór throm-chúiseann lé teacht os a cómhair: tábhachtach: go bhfuil cúrsaidhe móra lé criathairt ionta. Cuimhnigh ná fuil ionat ach duine trom-chúiseach gur cuma lé neach eile dadamh mar gheall ort: tábhachtach dar leat féin. Nuair bheidh díoghaltas agam beidh sé ina throm-dhíoghaltas: cúiteamh a mothófar go géar is go dian. Ní haon trom-deacracht dom an méid seo do dhéanamh duit, ní mór a chuirfidh sé as dom: duadh an-mhór. Beidh sé trom-dhóthanach orm an méid sin ar fad do bheith léighte agam fé Shatharn: breis agus mo dhóthain lé déanamh agam. Daoine trom-dhathacha atá ins na hIndiathaigh: claon lé bheith dorcha. Ceasnaidhthe is iomard ag teacht chómh trom-dhlúth san orm ná raibh aon dul agam ar mé féin do chosaint ortha: go tiugh, go dian is go géar. An trom-dhúil san ól a mhairbh é: an dúil budh dheacair do shásamh. Ní mór an bhrigh d'fhéadfadh do bheith ann is an trom-dhortadh fola atá déanta aige: mórán silte. "Ar chualaís an t-iomard d'imthigh ar an bhfear bocht?" – "mo throm-dhiachair é" (leamhas): cuireann sé brón mór orm go deimhin. Bheadh trom-dheithneas ag imtheacht ort dá gcuirtheá cruisteach ar an nduine sin, budh bheag í a fhoidhne sin leat: bheadh teann deabhaidh ag imtheacht ort. Déanfaidh sí seo cúis throm-dhleaghthach ar a bhfuil de chómhairleóiridhibh is d'fhínithibh le bheith innte: leanfaidh mór-chuid caibidil is dlighe í. D'fhéach sé chuige trom-éifeachteamhail go maith ar an gcómhairle do thug sé don dá thaobh, maitheamh, is dearmhad do dhéanamh. Ní raibh cómhacht ar domhan d'fhéadfadh a scaramhaint ó n-a chéile is an trom-éileamh a bhí aca dá chéile: fonn ó ghrádh. Trom-éislinn air ná leighisfeadh dochtúiridhe na Mumhan: ceasnaidhe ró-mhór, ró-iomardamhail. Talamh trom-fhódach, feighre maith capall nár mhór chun a threabhtha: croiceann árd, righin, dlúith air. Cuir díot an trom-fhearg, níl luid cúise agat ar éinne againne: buile is báine. Tháinig trom-fharraige ar an mbád a smiot i gcoinnibh na talmhan í: farraige árd, reamhar, fhuinneamhail. Duine trom-fhoistineach i dtaobh an chúrsa do nách aon mhaith bheith d'iarraidh a mhaoluighthe: i ndáiríribh cheart. Fear árd, curanta, trom-fhéasógach anuas go hucht: ulca fhada, thiugh air. Deirtear gurb é Cill Áirne an baile is trom-fhearthainnighe in Éirinn: is mó go dtuiteann báisteach ann. Ghluais na saighdiúiridhe ina sluaightibh trom-fhearais chun cogaidh: go leór de gach saghas úirlise catha aca. Cailín trom-fholtach (trom-fhuilt) a chuirfeadh iongadh ort

connus a iomcharóchadh ceann éinne an oiread: gruaig thiugh, mhuirearach uirthi. Talamh íseal trom-fhliuch, gan faic ann ach naoscaigh: pé saghas buinn atá fé, go dlúith, righin, do-scaoilte. Is ar an bhfear bocht do deineadh an trom-fheall, é do cheangal agus annsan d'ídeach gan cao do thabhairt do ar é féin do chosaint: mí-ghníomh gránda. Ghoid sé, shlad sé, d'fhuaduigh sé lé trom-ghrádh dhi: cion ná raibh aon teóra leis. Bhíodh an oiread san trom-ghleóidh agann sa tseómra scoile nuair fhágadh an máighistir linn féin sin go mbainimís smúit as na fallaidhibh: fothrom gan chuimse leis. Bhailigheadh trom-ghasraidhe óigfhear chun an baile gach tráthnóna Domhnaigh chun a nirt d'fhéachaint lé chéile: scataidhe líonmhara. Chómh luath agus chuir ár bhfuireann isteach an báide a thug an buaidh dóibh leigeamair trom-gháir budh chómhchlos ar fuaid na seacht mbailte: gáir mhór, gheónach, árd. Fuaireas árdughadh freastal i dtosach ar na saighdiúiridhibh a bhí trom-ghonta: budh ghéire gortughadh is basca. Cómh an trom-ghleóidh seo atá dhá chur tímcheall Cathair Stailín ní dócha gur cuireadh i dtaobh aon chathrach riamh roime seo, ní troid ná marbhadh go dtí é: cath uathbhásach maidir lé déine is lé hár. Ar mh'anam-sa féin dá mbeadh aon trom-ghábhadh aige lé biadh ná caithfeadh sé uaidh arán maith mar é sin: dá mbeadh ina easbhaidh puinn. Bean throm-ghiústach gur ar éigean a bheadh slighe ar aon chathaoir di: tón mhór, thoirteamhail uirthi. Ná féach chómh trom-ghnúiseach san orm, cad chuir mí-chéadfadh ort liom?: cuma mío-shásta ort. Ní bhead chómh trom-ghnóthach san ambáireach ná gur féidir liom bualadh leat: ní bheidh aon rud ró-thábhachtach ar siubhal agam ná etc. Is maith an tseachtmhain éisc í seo, bhí trom-iarrachtaidhe ges na bádaibh gach n-oidhche: fagháltaisidhe móra. D'ólfadh sé an Mháig iongtach leis an dtrom-íota a bhí air: tart budh dheacair do mhúchadh. Go dtí go raghaidh trom-ísliughadh ar haibhntibh ní bheidh an dúthaigh so-thaistil: go dtráithfidh siad go mór. I rith mo bheatha is iomdha trom-íosbairt fachta agam ach níor chlaoidheadar me, táim chómh dearbh indiu is bhíos riamh: cruadháil gabhtha thríd agam. Thuit luach an éisc in aon lá amháin lé n-a throm-iomadamhlacht: toisc an méid mór de a bhí ann: é bheith ina bhréan-bhróin. Dréir gach deallraimh déanfaidh sí trom-imirt ar na geallaibh móra atá dhá chur aca agus é socair aca an oidhche do chaitheamh ag gabháil di: imirt ina mbeidh airgeadaidhe troma i dtreis. D'fhág an scléip 'san ragairne trom-iarsma ar an amadán a chaith a chuid airgid 'sa shláinte lé dream gur beag aca anois é: rian atá ag goilleamhaint air. Trom-iarsmaidhe an óil, ní maith iad: deasca cimiaracha. Ní ithim trom-lón i meádhon an lae, mion-ghreamanna: mórán bídh. Trom-luighe ar bhochtaibh ní maith é i láthair Dé: bheith dian ortha in obair nó san éileamh chun íoctha. Budh dhóigh leat air gur duine éigin go raibh trom-luighe air bhí an oiread san scréachach trí n-a chodladh air: taidhbhreamh olc, scannruightheach ina mbraitheann, dar leis, an codlatánach ualach nó greim do-scaoilte éigin air nách féidir leis é féin d'fhuascailt uaidh, etc. A bhuidhe lé Dia an trom-thoradh atá ar an dtalamh ambliadhna: flúirse de gach saghas beatha. Féach rómhat, táir i ngiorracht do throm-threascairt ar an bhfuadar atá fút: tuiteam trom, gráineamhail, bascuightheach. Ní fhéadfadh aon long an trom-thuargaint a bhí dhá fhagháil ón bhfarraige aice d'fhulang: suathadh uathbhásach. Trucail trom-lónach ag teacht abhaile aige i gcóir na Nodlag: cuid mhór gannaidhe innte. Ná tuig in ao'chor go bhfuilim trom-léanach i dtaobh thu do chailleamhaint, is cuma liom céaca: aon bhrón mór orm. Trom-lot ort, a chladhaire, is fada ag breith na gcos leat thu: díoghbháil mhór go dtárlaidh dhuit. Ní maith iad daoine trom-labhartha, budh chóra dos gach éinne aire do thabhairt dá chúram féin: daoine a bhíos ag cúlchainnt. Ní mór go bhféadfá do bhéal d'oscailt gan bheith ag trom-mhaslughadh na ndaoine; an mbeadh

focal maith agat d'éinne?: ag cainnt lé haghaidh díoghbhála do dhéanamh do chlúdh dhuine. B'shiúd é lá an mhío-áidh againn, níor fágadh meidhil beó dinn, cuireadh trom-mhaidhm ar fad orainn: scrios iomlán. Cad é an mhaitheas bheith ag ceistiughadh éinne go bhfuil trom-mhearbhall lé digh air: dul tré chéile ró-mhór incheann. Connus sheasuigheann sé na trom-mheiscidhe a bhíonn air ná faightear marbh i bpoll éigin thar éis na hoidhche é: meiscidhe ná fágann aon néall mheabhrach aige. Is é is trom-mhiangaisighe annso i rudaidhibh mílse, pé gean a thug sé dhóibh: is mó dúil ionta. Nár dhóigh gur chóir go dtuitfeadh an tigh orainn leis na trom-mhionnaibh seo, nách scannruightheach iad: eascainighe áidhbhéile. Bí foidhneach anois, caitheadh fanacht lé tu do theacht ar an saoghal, ní choingbheóchadh aon trom-mhoill ort: moill thar cheart ar fad. Thug sé a throm-mhóid ná chorróchadh sé lámh ná cos leis chun cabhartha lé haon taobh aca a bhí ag lorg a chóngaimh: dearbhughadh láidir. Má fuair éinne riamh trom-mholadh fuair sé é má dhéanfadh cainnt na ndaoine ar árdán is ar pháipéar é: moladh thar na beartaibh. Is deacair do lánamhain throm-mhuirearaigh beatha ghlan, shlachtmhar do thabhairt dá gclainn agus eisean ar bheag-thuarastal: go mórán clainne. An trom-mhuir, cuimhnigh ar a diamhaireacht, ná cuirfeadh sí crithniughadh id chroidhe: fairsing, doimhin, áidhbhéil. Is deacair iad do chur i ndiaidh a gcúil mar arm, tá an trom-neart ionta: thar barr. Iongtas é má éaluigheann sé is é trom-nascuighthe lé slabhraidhibh láidre: ceangailte go daingean. Thárlaidh i Mearaice cailín gur tháinig trom-néall uirthi a lean í cheithre bliadhna: suan nár bh'fhéidir í do dhúiseacht as. Níor chosamhail go mbéarfadh sé na cosa i bhfad leis, rugadh an iomad trom-ósbairtidhe air: cinneamhnacha máchaileacha. Ní léd throm-obair go mbeadh tuirse ort: obair dhian nó duaibhseamhail. Beir leat go bhfuil súd trom-oilte agus a rian air, níl aon rud do thairringeófaí chuige ná fuil ar eólas aige: fios an domhain uile aige. Seachain thu féin ar throm-olcaibh na scléipe: na díoghbhálacha is na hiarsmaidhe dítheacha. Dhein sé trom-olc orm gan chúis ar bith, scrígh im aghaidh fé thóin d'iarraidh mo dhíoghbhála: rud mí-cheart, díomásach. Mar gheall ar rud éigin do dheinis as an slighe ortha, tá trom-olc aca chughat agus ní dóigh liom go maithfid duit: fearg mhór istigh aca dhuit. Ní thaithnigheann a bhéasa in ao'chor liom, bíonn sé trom-omósach dos gach éinne, cheapfá go raibh sé fé chomaoin ag an saoghal mór: ró-úir-íseal. Trom-onóir do dhuine bhocht é do cheadughadh i gcuideachtain uasail: onóir ghroidhe: a caithtear do thabhairt fé ndeara. Aon chao ní raibh ar éalódh agam, tháinig an ólaidhe go trom-obann orm: gan choinne agus is go fuinneamhail, tolgach. Cé chuir amach na trom-órduighthe seo, go gcaithfear so súd is súd is so do dhéanamh agus go tric?: órduighthe láidre, neamhfhuraiste. Lé leisce is ní lé brón an trom-osna so: osna fhada, dhoimhin, dhuaibhseamhail. Ní chreidfinn ó Dhia anuas ná go raibh an cladhaire trom-pháirteach sa ghníomh chómh maith lé héinne eile cé ná fuil dearbhadh air: nách lámh bheag in ao'chor a bhí ann aige. Idir mion-pheaca agus trom-pheaca cuir síos i bhfaoisdine iad: so-loghtha is marbhthach. Is trom-pheannaideach an bheatha atá caithte aige, a furmhór caithte ar an leabaidh aige le pairilis: dian-challóideach, iomardamhail. Luighimís leis, tá trom-phócaidhe airgid aige, ní fuláir nó caithfidh sé cuid de: lán suas de. B'éigean do an áit do thréigean, bhí an mheabhair ag scaipeadh air leis an dtrom-phléascarnaigh ón aer go ró-mhinic: pléascáin ag teacht go tiugh agus go díoghbhálach. B'ait liom cad bhí ag déanamh na trom-phlobarnaighe, ach is amhlaidh bhí eascú mhór d'iarraidh snámhcán isteach 'on uisce dhoimhin tríd an slab bog: glór bog mar dhéanfadh duine ag siubhal trí ghuta nó uisce ag bualadh isteach i bpoll is ag filleadh airís. Lé linn na trom-phráidhne bheadh a fhios agat cér bh'é is nár

bh'é do chara é: na géibhinne cruaidhe: nuair bheadh an bhroid cheart ar dhuine. Beir leat gur de throm-phréachaibh an cheanntair mise, nách indiu ná indé do shealbhuigh mo mhuinntir-se an áit: daoine atá longuighthe, neaduighthe ann leis na ciantaibh. Cad eile ach trom-phudhar?: bean is lán tighe de chlainn óig ina diaidh: cailleamhaint ró-mhór, ró-dhochraideach. "Tá sé ina throm-rabharta dighe", ars an fear nuair chonnaic sé na cuacha lána dhá ghlaodhach go tiugh: deoch siar síos gan d'easnamh ann ach ceal a hólta. "Fada go leór a bhí an trom-rachmus ag an mbodach", arsa aighneastóir na sclábhaidhthe, "is mithid don mbochtán dearóil ádhbhar éigin d'aoibhneas an tsaoghail do bheith aige": gustal agus slighe chun sóláis do bhaint as. Tagann trom-rachta chasachtaighe air gur dhóigh leat go dtachtfaí é: taomacha dubha, cómhnaidhtheacha. Ní mór nách cuma liom bheith ag cúl-chainnt orm ach trom-ráflaidhe ní thaithnigheann liom: scéalta éagcóracha do leathadh orm. An óige choidhche is go deó, chuadar seachtar aca ar throm-ráig, amhráin is gleódh, béiceach is ólachán go maidean aca: maidhm scléipe. An trom-rath ort, a dhalta, pé áit ina dtugair t'aghaidh: mór-chuid den ádh is den sonas. Lé linn broide rithtear trom-reachta i ngach dúthaigh lé haghaidh daingneachta: dlighthe a bhíos dian, forasta. Beifear ag trácht choidhche ar throm-ruathar Dhún Chirc: an teicheadh is an t-ár do cuireadh ar shluaightibh Shasana. Ag caochadh a shúl orm i nganfhios don dtríomhadh duine. "Do bhí trom-réasún agam-sa le gan teacht amach airéir", agus gur bh'eól dómh-sa gur bh'í a bhean a bhí ag toirmeasc air: fáth foistineach. Connus is féidir lé haon dúthaigh a bhíos trom-riaghalta éascaidheacht spiride ná meisneach do bheith ina daoinibh: a bhíos fé dhlighthibh diana, géara. Talamh trom riascach gur deacair barraidhe maithe do bhaint de: sléibhteach, é fliuch, is mianach na móna ann. Theicheadar ina dtrom-reathaibh agus budh gheairrid Dia leo eaga teichte do bheith aca: ins an rás dob fhearr a bhí aca: ins na tréintibh. Ar an dtrom-rúscadh atá dhá dhéanamh aca ar a chéile lé tamall anois is gearr go mbeidh an cath i leathtaoibh: bualadh áidhbhéil, dochaiseach. Ná baineadh sé codladh na hoidhche dhíot go n-osclóchaidh seisean a bhéal orm-sa is an trom-rún atá agam air: rún tábhachtach nár bh'fhearrde é a scaoileadh. Lá do bháis go raibh trom-shluaighte aingeal id thímcheall ghod threóradh go Parrathas: na táinte dhíobh. Ní maith liom a chlódh ná a mheón, an trom-phiast san: búiste mór mí-bhéasach. Lá gránda trom-shalach: go mbíonn an t-aer íseal agus ceódh báistighe ann. Cuireann sé an oiread san gráine orm go bhfaghainn trom-shásamh ina bheith ag gabháil air: sásamh ó chroidhe. Aimsir mhaith seadh í, tá clódh maith ar na barraidhibh, bainfear trom-shochar as an dtalamh ambliadhna: toradh maith. An maoidheamh atá air budh dhóigh lé duine air go raibh trom-shaothar déanta aige: obair mhór iongtach. Ní gábhadh a rádh leis gan é féin do mharbhadh lé hobair, ní chuirfidh sé aon trom-shaothar air féin, bí deimhnighthe: ní chuirfidh thar a riocht é féin. Léigheas ar an bpáipéar go ndéineann franncaigh trom-scrios ar ghráinne trí n-a ghráinseáil is a shailiughadh: lat is díth dhochraideach. Thug an aicíd trom-sciúird ar an áit, gur árduigh léi na céadta: lomadh millteach. Ní fuláir nó tá trom-stuideár déanta ar an nGaedhealaing anois aige, tá sé ag gabháil di le fiche bliadhain. Ná músclóchadh sibh sibh féin, nó an bhfanfaidh sibh choidhche in bhur dtrom-shuan: neamh-shuim is manaois i gcúrsaidhibh. Táir trom-shúileach thar éis ragairne na hoidhche airéir: codlatach: na duilleóga ag luighe ar a chéile, is cuma mharbh ar an radharc. Chuireas an iomad taistil orm féin in aon ló, táim trom-thuirseach uaidh: níl corruighe na coise ionam anois: tnáidhte, tugtha. Beidh géilleadh aige dod chás, cuma cá milleán atá ag dul duit, duine trom-thuigseanach seadh é: fuaimeantamhail, ciallmhar. Tá sé ag caitheamh airgid ar nós na gaoithe agus trom-tharrac dhá dhéanamh ar an mbannc

aige: suimeanna móra dhá thógaint amach sa turus aige. Nuair bhíonn braon ólta aige, bíonn sé trom-tharcuisneach: is beag aige easonóir do thabhairt uaidh. Dá ndéinim trom-thaoscadh na mara dhóibh, b'é an buidheachas céadna bheadh aca orm: pé duadh do chuirfinn orm féin dóibh. Sluagh mór guairneánach bailighthe im thímcheall is trom-shuathadh aca dhá dhéanamh orm: súncáil sall 'sanall, is corruighe mío-shuaimhneach cuirp. Nár throm-thorthamhail na páirceanna iad san, féach an méid cocaidhe féir atá bainte dhíobh: tabhairt éachtach ionta. Fairír géar, is baoghalach go rabhas trom-thoilteanach lé peaca do dhéanamh chómh maith lé duine: ná raibh aon tsrian agam liom féin. Connus bheadh rith ná rás i nduine chómh trom-thónach leis sin, atá ag tarrac a dheireadh ina dhiaidh: aindeis, neamh-éascaidh. Lá trom-theasa ná raibh boladh gaoithe ann go ngreadfadh an ghrian thu: teas áidhbhéil ann. Cuireann droichscéalta ameasc cómharsan trom-thinneasaidheacht orm: goillid go ró-ghéar orm. Ó bheith sáidhte connluighthe istigh sa pholl so gan me do leigeant fén aer tagann trom-theannadh ar mo chroidhe: cómhgarach a bhíos ag brughadh orm. Bhailigh sé mórchuid airgid faid bhí sé ag obair ann, nidh nách iongadh is an trom-thuilleamh a bhí aige: an tsuim mhór a gheibheadh sé as a shaothar. Chluich an namhaid isteach i gcómhgarach é gur deacair do a fhágaint is tá sé i dtrom-theannta aca: i ndraip mhilltigh. Táir ró-throm-thóstalach dod cháirdibh, tráth anois ó thuit an saidhbhreas ar fad ort: an iomad go léir tóirtéise fút. An cladhaire, ní raghaidh aon rud amudha air sin, tá trom-theagasc fachta aige ó chladhaire mar é: cruinn, iomadamhail. Dá dtugadh sé na cosa choidhche leis ón gcoir seo tá trom-thuairm gurb é atá cionntach léi: an-láidir agus ag mórán. Má éirigh iomard is mísheól féin do, ní trom-thruagh ar fad é, tá an oiread fágtha aige is chothóchaidh é an chuid eile dá shaoghal: ní naoidhe mór maoithneachais é. Má táir gan aon rud do chur id bhéal ó indé fós agus é in árd an tráthnóna anois, tá trom-throscadh déanta agat: dulta i bhfad gan biadh na talmhan. Nách deacair a chreideamhaint go bhféadfadh éinne trom-thiomsughadh maoine do dhéanamh is go mbeadh milliún aige: bailiughadh áidhbhéil. An aon nidh guirt atá caithte agat go bhfuil an trom-thart go bhfuilir ag síor-ól uisce: íota thar meón. Cé gur deineadh trom-thafant air, ní thógfadh sé aon rud dá ndéintí coda beaga dhe: dul an-dhian air chun gabháil lé rud. Níl aon eagla anois ar an gcladhaire nuair bhraitheann sé trom-theannta a chúlaistínidhe leis: cabhair acfuinneach. Budh chóir go mbeadh sé suaidhte tnáidhte ar an trom-theilgean atá air i rith na hoidhche: cur amach: úirleacan millteach. D'imthigh a chosa uaidh ar bhuaic an tighe agus anuas leis gur baineadh trom-thuairt as a shuathaidh na putóga ann: leagadh goirtightheach. Is é mo chroidhe atá go trom-thuirseach ag an saoghal d'iarraidh maireachtana is é ag tabhairt breis is mo dhóthana dom: brúighte, brónach. Trom-thulcaidhe báistighe gur at is gur bhorr gach abha is sruthán leó: raistidhe éachtacha, áidhbhéile. Ní mór an dul a bhí ag an asal ar a thuilleadh d'iomchar, óir bhí sé trom-ualaigh a dóthain cheana: oiread air is thabharfadh a dhóthain cúraim lé déanamh do. D'itheas an iomad den bhiadh shaidhbhir úd, is baoghal, tá trom-ualach ar mo chroidhe aige: luigheann sé go hiomardamhail ar mo ghoile gan díleaghadh. An mbrathair an trom-uaigneas atá san áit seo? budh dhóigh leat ná raibh duine ná ainmhidhe i ngiorracht na gcéadta mílte dhúinn: aonaireacht a chuirfeadh creithniughadh ar dhuine. Ná cuireadh an rud atá déanta agat aon trom-uaill ort, ní haon adhbhar maoidhte é: éirghe mór croidhe. Cad a chuir an trom-uathbhás ort ná tuigfeadh éinne do luaith-bhéalaidheacht: saothar is anaithe aigne. Dar leis gur b'iongtach ar fad an saghas duine é annso in ár measc is bíonn sé trom-ughdarásach dá réir: claon lé máighistridheacht do dhéanamh. Ní hins an dtrom-úir sin is fearr d'fhásfadh prátaidhe:

cré righin ceangalthach an tortha. Is suarach an spirid atá aige, an trom-umhlóid dos gach éinne go bhfuil a luighead ughdaráis aige air: géilleadh is omós thar meón. Dréir an pháipéir tá trom-urchair dhá chaitheamh ón spéir ar chathrachaibh an aimsir seo: rudaidhe móra, millteacha. A trom-úrla ar sileadh léi, b'anaitheach an radharc i bhfeirg í: folt tiugh, fada, muirearach. Buachaill ró-lag dob eadh é chun trom-úrlaidheacht cheárdchan d'fhulang, b'éigean do éirghe as: bualadh dian, síor lé hórd. Is deacair airgead d'fhagháil sa bhannc anois gan trom-urraidheacht, táid chómh haireach san: daoine gustalacha do dhul i dtacaidheacht ar dhuine. Chuirfeadh sé ag gáiridhe duine an trom-útamáil a bhí aige chun maingisínidhe do bhailiughadh leis, iad sa tslighe air 'sag tuiteam uaidh: an tuathaltacht ait ag gabháil díobh.

trom: *f.1.* ualach, meádhachtaint, breis, muirearacht, géir-leanamhaint, milleán, achmhusán, fearg; saghas ruis go mórán slat liath-chroiceannach, bláth bán is caor dhubh, lé fagháil i ngarradhthaibh, iothlannaibh is seanroiligidhibh. "Trom trom cad tá os do chionn?" (cluiche leanbh): caillfir muna gcuirir amach cad atá i láimh an té a labhras agus tusa ar do ghlúinibh is ar do dheárnachaibh. Budh bheag aige an trom do chur ar dhuine dá bhfaghadh sé an lom, budh lugha aige é ná duine do mholadh: cúlchainnt bhascuighthe do dhéanamh. Ná buail leis an slait thruim é nó ní fhásfaidh sé!: géilltear don bpiseóig sin. Ag déanamh an truim ar na bochtaibh, gan cao do thabhairt dhóibh ar mhaireachtaint ná géilleadh dá mbacaighe: géir-leanamhaint: luighe trom. Pé duine go mbíonn aonnidh air beag ná mór is orm-sa bhíonn an t-an-trom, pé mallacht atá os mo chionn: breis an iomaird. Níl trom na breóidhteachta curtha fós aige dhe is baoghalach: an chuid is measa dhi. Maoidheann Sasana go raibh trom an chatha uirthi féin d'fhulang thar éis madhma na Frainnce: muirearacht, breis na troda. Pé rud a thuiteann amach is orm-sa cuirtear an trom, is éigean dom me féin do chosaint ar bhéal na ndaoine. Ná déin trom ar neach, ní bheadh a fhios agat cathain béarfaí ort féin i dteannta: ná lean an déine air. Budh mhór an feall an trom do dhéanamh air, ní bheadh a bhac ortha é do shaoradh ó n-a chaitheamh as a sheilbh dá mbudh mhian leo: éagcóir. An trom atá ar a chroidhe trí bhás a mhná ní scaipfidh faic choidhche anois é: brón is duairceas. Sid é an parróiste 'na bhfuair sé trom na nguthann; níor bh'fhiú biorán is an méid do fuair sé in aon áit eile: breis: furmhór mór. Chomh-mhilleán atá orainn, eadrainn do bhriseamair an fhuinneóg, ach gach aon tsáthadh chun ceann an cholamóra, mise go gcuirfear an trom air: an milleán. Troma na caorach caitheadh chun an mhadra iad: an croidhe is a raibh ceangailte dhe. Orm-sa thárlaidh trom na rámhaidheachta mar is me bhí ar cheann an t-ao(n) mhaide: muirearacht, géibhinne, toisc ná raibh ag rámhaidheacht ar an dtaobh san ach me. Má bhíonn an leath-trom choidhche ort tair chugham is b'fhéidir go bhféadfainn cóngnamh do thabhairt duit: aon iomard: ceasnaidhe, leathcheann. Fáisc t'ualach nó scéidhfidh sé is beidh Tráighlí ar an mbóthar agat, tá leath-trom air: leathcheann: leath-íseal air. Má tá aon dúthaigh ar Roinn na hÉoraipe ar leath-trom cheart fé láthair is í an Fhrainnc í, a stiall féin ges na madraidhibh móra go léir dhá bhaint di: smacht is daoirse. Ná déin aon leath-trom orm sa roinnt, tabhair mo chion dom: aon éagcóir. Bíonn leath-trom éigin i gcómhnaidhe lé luadh aige: gearán éigin go bhfuil éagcóir dhá dhéanamh air.

tromachán: *f.1.* muirearacht, cúlchainnt, ithiomrádh, do chur ualaigh ar. Má tá aon rud is lugha thaithnigheann liom 'ná a chéile is é an tromachán é, is fuath liom duine ag itheadh na feóla fuaire dá chómharsain: ithiomrádh: cúlchainnt: suainseán. Deirid go láidir ná fuil

sé ceart ortha san, na boicht, do bheith ag tromachán ortha lé breis chánach do bhualadh ortha: ag cur breise thar mar is ceart ortha nó mar is féidir leó d'fhulang. Is ag tromachán ar an ngeirb a bheir má chromair ar a priocadh: ghá chur in olcas. Claonadh na colna tromachán do chómharsan: leagadh lé suainseán bascuightheach do dhéanamh.

tromachar: *f.1.* aon rud a bheadh trom, muirearach, do-aistir. Sin é, mo cheól sibh! mar fheara ná déinid dearmad den dtromachar do chur orm-sa, mothuighim é nó ná mothuighim é: furmhór na meádhachtainte. Is mór leis an tromachar atá dhá chur air, go mór-mhór nuair chidheann sé daoine eile ag gluaiseacht gan puinn ortha: mór-ualach: ualach a ghoilleas nó braithtear trí n-a neamhchomhthruime.

tromaidheacht: *b.3.* aiste nó cáilidheacht bheith trom; suainseán, milleán; tábhacht, muirearacht, luighe trom, tocht, duairceas, meirbheacht, neamh-éascaidheacht. Cuireann an iomad prátaidhe tromaidheacht orm, tagann srúmatáil chodlata orm: spaideamhlacht, marbhántacht. Is cuma liom an fhírinne d'innsint im thaobh ach an tromaidheacht adéintear orm: cainnt éagcórach lé hintinn mo mhasluighthe. Ní fheadraís céaca is measa, iad féin ag tromaidheacht ar a chéile, gan deaghfhocal aca dá chéile: ag cur síos go masluightheach. Ag tromaidheacht air á rádh ná díolann sé a fhiacha? má seadh bíodh: an chainnt í a dhéineas a dhíth? Chun na fírinne d'innsint bhí triúr againn i dtreis agus cóimh-chionntach; cad n-a thaobh an tromaidheacht do dhéanamh orm-sa seachas na beirte, cúiteamh orm-sa is scaoileadh leó san?: duaidhnéis do chur orm. Inns an fhírinne im thaobh, ná bí ag tromaidheacht orm: dian: dul níos cruaidhe 'ná mar tá tuillte agam. Tá an oidhche ag dul chun tromaidheachta, d'imthigh an ghaoth, ní fheadar an bhfuil athrughadh aimsire air: mairbheachta. Ní ghluaisim chómh seólta sa brógaibh seo, is ar a dtromaidheacht é: beagán ar an dtaobh trom. Tromaidheacht a gcothuighthe is éadach do chur ortha is gan an déanamh aige a thiomáin chun gadaidheachta é: duadh is deacracht. Beidh air féin bheith i láthair toisc tromaidheachta an chúraim atá i dtreis aige is nár bh'é a leas do bheith as láthair: tábhacht, foistineacht. Nuair gheibheann éadach an t-uisce téigheann sé i dtromaidheacht: bíonn breis ualaigh ann.

tromaim: *b.a. & n-a.* téighim i dtruime, i meádhachtaint. Tromfaidh do chuid éadaigh leis an uisce mar tá sé ag sughadh na báistighe: beidh sé níos deacra d'iomchar toisc a bhreis mheádhachana. Ó cuireadh an t-iasc sa bhád tromann sé san uisce í: tagann breis mheádhachana, stuidéir agus doimhnigheann. Éirigh suas díom, ná tromaidh a thuilleadh orm: ná cur breis ualaigh orm. Na scéalta mío-thaithneamhacha atá leathta mar gheall ort tromaid go mór ar mo chroidhe: luighid air: goillid air. Tromfaidh an bháisteach an féar: cuirfidh sí breis ualaigh ann. Ná tromaidh mé léd scéaltaibh brónacha: ná cuir goilleamhaint orm leo. Tromfair leis an aois: raghaidh do chnámha in neamh-éascaidheacht is an aigne i ndúire.

tromainín: *f.4.* tromán beag, ádhbhairín, meádhachain bheag. Dhein sé tromainín báistighe i rith an tráthnóna a bhain an gomh as an spéir: beagán. Tromainín beag d'fhearsaid bhig: cnapáinín comhchruinn adhmaid, poll ina lár chun feirste do ghreamughadh is do chongbháil i riar: tímcheall air a ghluaiseas sreang an tuirn (túirne) ón roth. Go deimhin féin ní fiú an tromainín bídh do chaith sé do mhaoidheamh air:

ádhbhairín beag. Ní bhéarfaidh an tromainín cloiche sin choidhche ar tóin puill do dharadha: cloch gan puinn meádhachana.

tromán: *f.1.* an ros go dtugtar trom air. Tinneas mo chinn agus tinneas mo chroidhe i lár do chroidhe, a chrainn tromáin.

tromán: *f.1.* aon rud a bheadh trom nó mar bhreis ualaigh, meádhachaint, an cnapán cómhchruinn adhmaid ar dheireadh feirste go bhforraidhibh árda le haghaidh na sreinge a chasas air do chongbháil in ionad: crothán cluig: foiscealach trom, torracht, guibh scéil. Thug an bhean a mallacht do agus thuit a thromán air: iarsma: a deasca go géar. Is é tromán an scéil, thar éis na hóráideachta ar fad, gur iasacht airgid a bhí uaidh: brigh nó guibh an scéil. Ní maith léi gabháil fén sráid toisc í bheith ag dul i dtromán: méadughadh ag dul ar a torracht, torrachas. Dá luighead é mar rud nách ann atá an tromán, ní fada ó bhaile d'fhéadfadh duine é d'iomchar: meádhachtaint. Cuir tromán an chluig ag luascadh: an crothán: an mheádhachtaint crochta istigh ann. Ní fhéadfainn a rádh leat an leabhartha nó eile a bhí san tromán a bhí fé n-a oscail aige, ach thaidhbhsigh sé toirteamhail: beartán.

tromdha: *a. n-dh.* tábhachtach, foistineach, ualachmhar. Ní glacfaí bannaidhe, cúis ró-thromdha dob eadh í, duine do bhascadh, lé n-a scaoileadh lé cead a chos: tábhachtach: nách furaiste do scaoileadh thart gan imshníomh do dhéanamh ina thaobh. Gnóthaidhe tromdha ar siubhal ag eisean, gan ach seafóid is ailteóireacht ag ise, ní réidhteóchaidís, choidhche: cúirimidhe nár mhór machtnamh is áird do thabhairt ortha.

tromlach: *f.1.* meádhachtaint, ualach, breis, móir-mhéid, géirleanamhaint. Ní feictear dom cad é an leathscéal atá ag an Rúis ná déineann sí cíp róp de neart na Gearmáine is go bhfuil tromlach a hairm ina haghaidh aice: an chuid is mó. Pé áit go mbeidh sé ná bíodh eagla ort ná go mbeidh an tromlach de pé rud a bhíos ar siubhal aige: an chuid is mó: an bhreis. Anois go bhfuil an aois agam, is mo bhrigh imthighthe is me fuar, dealbh, táim im thromlach ar an dtigh: ualach. Níl sí ina tromlach ar éinne, tá sí ábalta ar luighe is éirghe is tá an oiread aice is a chothóchaidh í: mar mhuirear chun a beathuighthe nó a hionnramháil. Níl aon amhras ná gur mór an tromlach atá déanta ar an bhFrainnc, níl fód di ná dá cuid talmhaintidhe ag baile ná lasmuigh ná go bhfuil cos saighdiúra eachtrannaigh air: tíorántacht.

trompa: (**trúmpa**) *f.4.* buabhall, barra-buadh, stoc, gléas beag ceóil i bhfeirm cruite a buailtear i gcoinnibh na bhfiacal is a seinntear leis an méir ar theangain mhiotail. Tóg uaim an peann san, ní fiú trompa gan teanga í, ní scríobhfadh sí ach go haindeis: ní néann trompa gan teanga ceól. Ní thabharfainn trompa gan teanga ar do leithéid ná beadh oighear a bheatha ann: ní fiú faic thu. Ní dhúiseóchadh trompa an domhain é: an buabhall a séidfear lá an tsléibhe chun na marbh do mhúscailt is do chruinneáilt ar aon láthair. Níl id ghlór ach mar bheadh trompa maide: gan éifeacht.

trompach: (**trúmpach**) *a.* go dtrompaidhibh, glórach, mórdhálach. "A chúigí Inis Éilge seo chughaibh uile an Phoenics/ go trompach go tréangach go trúpach ag trácht": stuic dhá shéideadh don ngléire. Ní tháinig sé isteach in aon áit riamh ná gur go trompach é, ní

ag éalódh bheadh sé: go glórach: ag déanamh geóna. Má bhuadhaid orainn ní sheasóchaidh Éire leó beid chómh trompach san: maoidhteach, mórdhálach.

trompalán: *f.1.* ciaróg dhubh a eiteallas leis an gcróntráth is a ghníos foghar, is gnáth leis triall ar bhualtach – as a los san, duine aindeis, tuathalach. As an slighe uaim, a thrompaláin, ní bheinn ag féachaint ort ag útamáil: duine neamh-éascaidh. Cathain bheadh smut de bhóthar curtha ag an dtrompalán san dhe? Níl ann ach trompalán i mbád, cá bhfuil an líomhthacht ná an tapaidhean?

trompóir: *f.3.* seinnteóir trompa, stocaire. Chuiris trompóir maith rómhat, ná bíodh aon eagla ort ná gur scaip sé do cháil: moltóir.

trompóireacht: *b.3.* seinnt trompa, déanamh gleóidh. Nách mithid duit éisteacht agus suaimhneas do thabhairt dúinn, níor scuiris de thrompóireacht ó tháinighis: séideadh: cur as: ghá mholadh féin.

tromughadh: *f.* (*-uighthe*) do dhéanamh trom, níos déine, d'ísliughadh is do dhoirchiughadh (spéir); d'iomcháineadh. Ní fada ó athrughadh aimsire é, tá an lá (spéir) ag tromughadh: na scamaill ag bailiughadh is ag ísliughadh is droch-chlódh ag teacht air. Tá an fharraige ag tromughadh annso, ní mór a thuilleadh slabhraidh chun tóin puill do shroichstint: ag dul i ndoimhne. Tá tromughadh na haoise ghá foillsiughadh féin ar a choisidheacht: níl sé chómh seólta ar a chois lé méadughadh na mbliadhan. Más fíor na páipéir tá an cogadh ag tromughadh, breis fhear is breis armála dhá shaighead i gcath an uile lá: ag dul i ngéire is i ndéine. Ag druideam lé deireadh an lae bhraitheas an obair ag tromughadh orm, bhí sí dian is bhíos im throscadh leis: ag dul i ngéire is ag goilleamhaint orm. Dá fhaid a fágfar fén sín é gan chlúdach is ag tromughadh bheidh sé: beidh breis ualaigh ag teacht ann. Is fada m'aithne air is níor chuala riamh ag tromughadh ar éinne é ach an focal maith ina bhéal: ag táinseamh: ag cúlchainnt: suainseán: ag libhéal go masluightheach. Fé thráthnóna bhíos ag tromughadh im choisidheacht agus budh mhilis liom áit d'fhagháil chun stadta: an éascaidheacht is an luadar ag imtheacht asta. Is neamh-chradhscalach an duine é, ní tromughadh ar a chroidhe iomard a chómharsan: ní thúirsigheann é: ní chuireann buaidhreamh air. B'éigean dom an obair d'fhágaint, do bhí an saoiste ag tromughadh a láimhe orm: ag dul i ndéine. Cuireadh an ruaig air mar bhí sé de bhéas aige a lámh do thromughadh i gcisde an tighe ró-mhinic: airgead do thógaint. Nára tromughadh ar do ghearántaibh, mar is tu atá ag fulang: nár mhéaduighidh ar do cheasnaidhe. A chlos go mbíonn sé ag tromaidheacht orm, ná saoiltear duit gurb aon tromughadh ar mo ghearántaibh é, smeachadh mo mhéar ní thugaim air!: méadughadh: déine. Seachain, b'fhéidir nár dhóichighde dhuit 'ná bheith ag tromughadh an bháid: ag cur an oiread san innte is go mbeadh sé conntabharthach aice.

tromuighim: *b.a. & n-a.* ualuighim, cuirim i dtruime, libhéalaim, ithiomrádhaim. Tromuigh do lámh, ná bí chómh sprionnlaithe: cuir breis id ghlaic. Má thromuighir do lámh goirteóchair é, níl sé chómh láidir agus is dóigh leat: má chuirir breis tathaig id bhuille, it iarracht. Ní choingbheóchaidís lá eile é, thromuigheadh sé lámh: chúbláladh sé airgead a lucht feadhmannais. Tromuigh ar an gcoisidheacht nó beir ró-dhéidheanach ón seódh: déin breis deifreach. Buail cómhshnáthach é, ná tromuigh ar do ghéig: ná cuir

breis fuinnimh ná nirt léi. Níor oscail sé a bhéal ar neach riamh ná gur thromuigh sé air, focal maith ná cneasta ní scéidheann uaidh: ná go ndeárna suainseán air: gur mhasluigh é. B'éigean dúinn éirghe as shábháil an fhéir, thromuigh an lá in árd an tráthnóna: thuit sé chun báistighe. Nuair thromuigh an aimsir ní raibh aon dul ar na barraidhe do shábháil: nuair chuaidh chun taisireachta is gur laguigh neart na gréine. Casóg mhaith chluthair in aimsir thirim í, ach tromuigheann sí, gur ar éigean d'fhéadfá í d'iomchar nuair bheireann báisteach uirthi: bíonn breis ualaigh lé n-iomchar innte. Tromóchaidh an cogadh so a thuilleadh sara dtiocfaidh aon deallramh síothchána ar an scéal: raghaidh sé i ngéire, i ndéine is in olcas. Nuair thromóchair san aos tiocfaidh breis thuisgeana dhuit sa tsaoghal is a imtheachta: nuair mhéadóchaidh na bliadhanta agat. Tromóchaidh an obair nuair beifear ag taighdeadh níos doimhne: raghaidh sí i nduaibhseamhlacht. Má thromuigh lámh Dé ar éinne riamh thromuigh sí air, níor fágadh dadamh aige: má tháinig sí go dian air. Tromóchaidh cáin thar fóir ar fad is baoghalach thar éis an chogaidh seo: méadóchaidh is raghaidh i ndéine. Thromuigh na tuillte thar oidhche gur scéidh na haibhnteacha: bhorr is d'at uiscidhe. Tá dul as aige b'fhéidir, níor thromuigh an pian faic ó indé air: níor árduigh. Níor thromuighis do lámh lé puinn riamh, nílir lé moladh: ní rabhais laimhthighiseach. Tromuigh ar do dharadha, níl aon iasc id threó: súncail níos doimhne é. B'é toil Dé gur thromuigh an t-uisce orainn is sinn ag druideam amach do chiúnuigh an fharraige: chuaidh sé i ndoimhne. I lár an ghuirt tromóchaidh an chré ort: beidh breis di ann. Tromuigh an t-aoileach ar an mball san, áit an-bhocht seadh é: cuir breis de air. Mar chloisim tromóchaidh na gearánta air, más fíor ní fios cad bhí déanta as an slighe ag an gcladhaire: tiocfaidh breis agus breis díobh.

trosc: *f.1.* iasc mór farraige, go mbíonn guinnidhe boga air agus iasc sleantach, neamblasta air. Úsc truisc is maith é.

troscach: *a.* tugtha do throscadh, ar céalacan, staonach, measardha. Maidir leis an mall-theine seo níl a mhalairt de chlódh uirthi ná go dtabharfaidh sí maidean throscach dúinn: gan biadh. Luathuighidh leis an mbiadh, tá daoine troscacha annso is budh bhinn leó rud d'fhagháil le cur ina ngoile: daoine atá ar céalacán. Thabharfainn mo shaoghal troscach sara n-íosainn greim dá chuid bídh, rud gorta a bheadh ghá mhaoidheamh orm leis na daoinibh: gan bhiadh nó ar chaol-bhiadh.

troscadh: *f.1.* dul gan biadh na talmhan nó gan an gnáth-thomhaltas d'itheadh, toirmeasc bídh. Troscadh agus tréadhanas do dhéanamh ar na laetheantaibh órduighthe gan ach ádhbhar den bhiadh do ghlacadh mar únsa aráin, etc., is fanacht ar fad ó bhiadhannaibh áirighthe, mar feóil, etc. Táim im throscadh ar feadh na maidne: gan mo chéadphroinn d'itheadh fós. Ár sinnsear, mo ghradhain iad san úir indiu, mar budh mhaith an chré iad, is minic do chuadar a chodladh ina dtroscadh: gan séire nó béile na hoidhche. "Déanfad troscadh indiu" – "déanfair troscadh an chait cheannainn, d'íosadh sé feóil is ní ólfadh sé bainne": íosfair an rud is áil leat agus is fearr dhuit. An bhfuil troscadh an lá indiu?: an bhfuil sé coiscithe biadhanna áirighthe d'itheadh nó gan ach ádhbhar áirighthe d'aon bhiadh. "Is deimhin nár bh'obair liom troscadh lé cráibhtheacht is greim ná bolgam ní shloiginn trí trátha": an biadh do locadh orm féin. "Is a throscadh gan tráth ar an bhfásach tréimhse": an séanadh bídh ar feadh an dachaid lae is an dachaid oidhche. An diabhal luid chreidimh aige ní dhéanfadh sé fiú troscadh an charghais: gan na nidhthe thoirmisceas an

eaglais an tráth san d'itheadh. Lá saoire sa gheimhreadh 'sa throscadh sa bhfóghmhar: lá Samhna. D'ólfadh sé adharc bhulláin de thobac gan stad, do bhí an troscadh ró-fhada air: an locadh: an déanamh gan é. Níl aon troscadh ar fheóil indiu: toirmeasc ar a hitheadh. Chaitheas éirghe as an obair oidhche a bhí agam bhíodh troscaidhe ró-fhada orm: bhíodh orm dul thar na tráthannaibh ar céalacan. Bean mhór throscaidh is úrnaighthe, caitheann sí furmhór a haimsire i dtigh na heaglaise gan bhiadh gan deoch: a shéanas an biadh uirthi féin. Ní bhíonn aon chuimse lé fear troscaidh: an té a théigheas i bhfad gan bhiadh d'íosfadh sé aonnidh a gheóbhadh agus mórchuid gan cháiréis. "Is fada an troscadh é, a Chabháin, seacht mbliadhna ar uisce fuar fé bhéal corcáin", ars an truth le Naomh Cabhán iar mbeith d'fhulang ar loch ar an gclódh so, mar duaidhnéis aithrighe.

troscamhail: *a.* claon lé troscadh. Obair throscamhail atá agam, tá sí ró-fhada ón dtigh nó ó áit go bhfaghainn aon rud lé n-itheadh: go leanann sealanna gan biadh í. Má dhéineann sé an gnóth dho bheith troscamhail, níl aon bhaoghal ná gur naomh ceart é: tugtha do dhul gan biadh.

troscán: *f.1.* earraidhe, rothaidhe, úirlisidhe, aistrighthe; cóip, sluagh. Chómh corónta agus gheóbhfá in aon bhall anois iad, tá siad bailighthe, troscán breágh bleaigeárd: cóimhthionól: bailiúchán. Déantóir troscáin a dhéineas earraidhe tighe, mar búird, cathaorachacha, scatháin leapacha, tolga, etc. Ball troscáin níor fhág lucht na bruighne sa tigh gan briseadh: earra so-aistrighthe a theastuigheas i dtigh: oireamhaintidhe tighe. Tá sé chómh neamh-chompórdach 'na bhrógaibh nuadha is bheadh capall fé throscán an chéad lae: gabháil.

trost: *f.1.* bata, staf, glór, céimeann, tuairt, tuiteam trom, balbhghlórach. Ní glas ná bollta atá ar a ndóirsibh ach trost ó lidhe go lidhe: treasnán láidir mar thacaidheacht. Trost cómhlan: bata lé n-a cúl chun a daingnighthe. Baineadh trost as toisc é do bheith chómh trom, aindeis nuair leagadh é: tuiteam trom. Trost trost ar feadh na hoidhche ar fad aca fé bhun m'fhuinneóige is iad ag gluaiseacht chun catha: glór tómhaiste a gcéimeann.

trostal: *f.1.* glór, frum fram coisidheachta, triop treap. Chuala sé trostal na gcómhairgheach is é ina luighe i bhfolach laistiar de chlaidhe an bhóthair: glór a gcoiscéimeann. Chuala sé trostal éigin a bhain preab as mar bheadh faill ag tuiteam: glór trom, balbh.

trostalam: *f.1.* glór, clagairt. Oidhche chiúin mharbh agus chloisfeá trostalam ag an gcapall is é ag sodar go dian ar an sráid: clagairt chruaidh. Trostalam na trucallach anuas an sean-bhóithrín achrannach: glórghail láidir, chruaidh. Ní chreidfeá ach an trostalam a dhein an eascú ghroidhe chuthaigh ar thóin na nadhbhóige sar ar baineadh dá threóir í: cleatharáil.

trostamhail: *a.* glórach, clagartach, cleatharálach. Cloisfear thu, dúiseóchair as a gcodladh muinntir an tighe, tá siubhal ró-throstamhail agat: an iomad gleóidh is glóir agat. Na duilleóga trostamhail leis an ngaoith: glór cruaidh, anamamhail aca. Cuirfear amach thu i dtaobh bheith chómh trostamhail ar an dtalamh led chosaibh: ag déanamh glóir leó.

trostamhlacht: *b.3.* ar aiste bheith trostamhail, trom-mbuáiste, céim-ghlórach. Mhillfeadh an trostamhlacht ar an lochta os do chionn thu, ní thabharfadh sé sos i rith an lae dhuit, daoine sall 'sanall air: glór trom cos. Déinir oiread trostamhlachta tímcheall na cisdean, is dhéanfadh capall: an oiread tromáin glóir.

trostghail: *b.3.* glór trom, fuirse. Ag trostghail tríd an sneachtadh dho d'iarraidh an bhaile do bhaint amach sara múchfaí é: ag treabhadh leis go trom. Ciapann sé a bhfuil san oifig ag trostghail leis na brógaibh móra, troma a chaitheann sé: ag gluaiseacht go trom. Ceól ina chluais trostghail na bhfear n-eadruighthe ag gabháil tharais i gciúnas na hoidhche: glór bróg na bhfear máirseála.

trú: *f.* (*-roch*) duine daortha, gur b'é a dhán bás luath d'fhagháil, truaghán. Trú ná tréan ní bhfuaireas aon amharc air: ina shláinte ná ina mhío-shláinte. Trú ná tréan níl faic agam: go maith ná go holc. Cos ní chorróchad leó trú ná tréan: é socair im aigne gan cos do chorruighe. Ní theasargann teicheadh trú: an té go bhfuil sé i ndán do bás d'fhagháil ní haon mhaith dho bheith d'iarraidh é do sheachaint. Trocha an phríosúin go mbeadh truagh agat dóibh: iad súd a bhíos daortha chun a saoghal do chaitheamh ann. "Trú ghránda na gáige nár fhillir go deóidh/ d'fhág gár-ghuil i gClár Luirc lé hiomarcaidh bróin": duine táir, suarach. Deineadh ár, trú is tréan, ar ar tháinig treasna ar na saighdiúiridhibh diablaidhe céadna: gan neach, olc ná maith, do leigeant saor. An trú bocht dá bhfeictheá-sa an bothánach dealbh, suarach go bhfuil air sin cómhnaidhe ann gheóbhadh sé tríot go smior. Cuireadh ar leithrigh ón gcuid eile des na príosúnaigh é, toisc gur thrú é: go raibh sé lé cur chun báis.

truagh: *a.* suarach, truaighmhéileach, táir; caithte, tanaidhe, daidhbhir, teirc-fheólach. Creid mise leis go ndéanfair-se fós aithrighe thruagh id pheacaidhibh nuair bheidh sé b'fhéidir ró-dhéidheannach agat: go mbeir ar do dhícheall d'iarraidh cúitimh do dhéanamh. Is tú Seán truagh i gceart, níl sé ina éadach ná ina dheallramh ort: dearóil, suarach. "Dréir mar thuigim, tá an cúrsa go dona aige" – "is dhá thruaighe 'ná san é dá mb'eól duit a bhfuil d'iomard air": ghoillfeadh sé a dhá oiread ort. Is furaiste dod leithéid-se bheith ag cainnt go bhfuil do dhóthain agat, ach cad mar gheall ar na daoinibh truagha sa cúl-shráideannaibh nár ith béile scabhárdamhail riamh: go músclóchadh a n-aiste buaidhreamh aigne ionat. Ainmhidhe truagh seadh í, ní raghaidh sí mórán airgid, níl spiota fiadha ar a cnámhaibh: lom, seirgthe, caithte. Céaca is méine leat feóil thruagh nó feóil mhéith: tanaidhe: daidhbhir. Na bliadhanta truagha atá roim an saoghal anois thar éis an chogaidh cuirid creithniughadh ar dhaoinibh cuimhneamh ortha: bliadhanta gannchúiseacha, gan toradh. An bhfuil dúil sa truaigh agat nó san méitheas: an fheóil gan bláthas nó an tsaill. D'íosfadh sé idir thruaigh is bhláthas aon tsaghas feóla, tá an oiread san dúlach aige innte: í do bheith tanaidhe nó méith. Ghoil sí go truagh nuair chuala sí tuairisc báis a leannán: thiocfadh maoithneachas agat di. Gach éinne aca is a scéal truagh féin aige ag tnúthán lé síntiús: scéal chun trócaire do mhúscailt dóibh. Rud truagh atá ann, féach an déanamh do thug sé dá mhnaoi, chaith sé ar mhnáibh eile an t-airgead budh chóir a raghadh chun éadaigh do chur uirthi-se: duine táir nách fiú a ainm do luadh.

truagh: *b.2.* duine dearóil, duine a thuilleas maoithneachas, taise. Truagh Mhuire é leis an dtinneas atá air: ní fhéadfadh sé bheith ar aiste budh mheasa: budh dheacair naoidhe is mó a thuilleas taise d'fhagháil. "Cúirt na dtruagh, na mbuadh is na mbéithe": mar a bhfaghaidh na daoine dearóile cóir is ceart. Is iomdha truagh is mó 'ná é annso: duine a mhúsclóchadh taise ionat do, nó gur naoidhe taise é. Níl aon truagh annso ach mé gem chlainn, mo chroidhe briste aca d'iarraidh iad do chur ar a leas gach aon lá: duine dearóil: duine go mbeadh taise ag éinne dho. Truagh ban é: bíonn na mná ag déanamh buaidhrimh ina thaobh. Truagh Dé é má ghabhaim-se greim lámh air: ghlacfadh Dia truagh dho leis an íde atá fonn orm do thabhairt do. Níl truagh annso ach é, budh cheart fóirthint éigin do thabhairt air, níl ann féin faic do dhéanamh: naoidhe na mothála a braithtear do mhío-ádh nó d'iomard chách. A dhuine thruaigh, t'anam roim an uile nidh!: a chaonaidhe bhoicht a thuilleas taise is cneastacht.

truagh: *b.2. & 3.* trócaire, taise, méala, maoithneachas, mairg, mothúilt cómbáideach don té a bhíos fé iomard nó ceasnaidhe. An dá chois ón stúmpa dhe, is é truagh is mó annso é: naoidhe truagha: duine gur cheart dúinn mothúilt dá iomard: brón agus maoithneachas do bheith orainn leis. Mo thruagh dealbh ná rabhas ann, is me do chuirfeadh corc go tapaidh sa scaothaire sin: rud go bhfuil aithreachas orm ina thaobh. Ní truagh go trócaire: an taise agus an chombáidh cheart fóirithint do dhéanamh ar an té a bhíos ina ghábhtar. Mo thruagh an buachaill bocht, é do chur chun báis i mbláth a óige: nidh a chuirfeadh ceisneamh is cómhbhrón ar éinne. Mo thruagh go dealbh thu, ná cuireadh a chlódh san aon mhairg ort, is fearr atá seisean ábalta ar é féin do ghléasadh 'ná thusa: bíodh ciall agat, a dhuine shaonta. Mo thruagh lém chroidhe é, a chorp dhá shuathadh ameasc na dtonn gan fagháil choidhche: cuireann sé duairceas orm. Mo thruagh-sa thu, ná do leithéid eile a chaitheas a chuid go hait: cúis mhairge d'éinne thu. Is agam-sa ná fuil aon truagh don gcladhaire sin, is minic curtha ar a shúilibh do a shlighte claona do shéanadh: combáidh: ní bhaineann a aiste aon mhairg ná mothúilt chaoin im chroidhe dho. Tá éad ges gach éinne leis toisc na bearta atá aige má bhíd ag tromaidheacht féin air, ach nách fearr bheith ina dhíol tnútha ná ina dhíol truagha: naoidhe nó duine a bheadh in easbhaidh go gcorróchadh sé thu. "An té nách truagh leis do chás ná déin do ghearán leis": an duine ná braithfeadh do bhuaidhreamh ní mór an mhaitheas a luadh leis. Cuir uaim do chuid maoithneachais, ach déin rud éigin do ó tá sé it acfuinn, nár chualaís riamh gur fearr beagán cónganta ná mórán truagha: is fearr fóirithint ar dhuine 'ná bheith ag olagón air, nó ag cainnt go cneasta, mairgeach. "Is fearr, a Mhuire mo thruagh! ná a Mhuire mo náire": is mór gur fearr bheith id naoidhe mairge 'ná id naoidhe aithise .i. ar aiste aindeise go dtuillfeadh cómbáidh dhuit 'ná ar aiste mhaith fé aithis. Níl aon truagh ar an dtalamh so ach an té a chailleas lúth a ghéag: sin é an té is anacraighe is is mó a ghoillfeadh ar an gcroidhe. "A dhuine bhoicht, is mór an truagh thu aca" (leamhas), lé duine a bhíos cráidhte is gan a chúis aige. Airgead déirce a bheadh uait, maran tu an truagh agam: amhail is mar budh naoidhe cabhartha thu. Is mór an truagh é, ná féadfainn aon chóngamh do thabhairt duit mar budh mhian liom é go mór: mío-ádhmharach an rud. Mo thruagh dhóighte thu, ná bí chómh baoth, saonta san, ní bheadh a fhios agat cá mbeadh do namhaid ach an oiread léd charaid. Is truagh é gan ionad suidhte ná luighte dá chuid féin aige: is brónach. "Deir sé go n-éireóchaidh leis, cad déarfá-sa?" – "mo thruagh é": tá dearmhad air bheith ar an machtnamh san. "Nách olc an t-éadach is an clódh a bhíonn air" – "mo thruagh thu, ní fheadraís ach a bhfuil d'airgead aige-san sa bhannc": ná bí

chómh hamadántamhail sin is go meallfadh san thu. Mo thruagh do cheann, is ann ná fuil an mheabhair: cúis thaise thu is bheith ar na smaointibh sin. Ná bíodh aon truagh agaibh do, ní hé bhur gcuid é: bainidh bhur sáith as gan aon mhachtnamh go bhfuiltí ag déanamh éagcóra ná díoghbhála. Truagh bheag a bheadh aca dhuit ná n-éirigheadh aonnidh dhuit dá mhéid a muinnteardhas dar leat: budh chuma leó thu ná t'aiste. Is truagh nár bhuailis me, mar is maith mar raghadh leat (searbhas): is folláin duit nár dheinis. Ní raibh aon truagh aige dhuit tú do bhualadh: ní raibh aon scropall air: níor buaileadh ina aigne gur mhícheart é nó má buaileadh budh chuma leis. Trí truaighe na scéalaidheachta – Oidheadh Chlainne Lir – Chlainne Uisnigh – Chlainne Túirinn: na trí heachtraidhe is brónaighe. Bheadh truagh an domhain agam dá leithéid: ghoillfeadh sé go trom orm. Tugann béal na huaighe rud do naoidhe na truaighe: is minic go bhfágann bás dhuine oidhreacht ag duine a bhíos ina fhíor-ghanntar. "Is truagh gan toirrcheas tollairidhe 'en tsórt so": is náireach an aiste. Bíonn truagh ag an saoghal do dhall: goilleann a aiste ar gach éinne. A thruagh chráidhte é ná raibh ár ndóthain airm againn, ní bhfaghfaí an lá chómh bog san orainn: dob é an scéal anacrach é. Chuirfeadh sé truagh ort an oiread leanbh d'fheicsint ag gluaiseacht sa bhfuacht agus sa bhfliuchán ar leighcidhibh bróg: chorróchadh sé maoithneachas i nduine. Ná bí ag déanamh aon truaigh dhíom mar nách aon truagh me, me féin is bun lém mhío-ádh: gan bheith ag teasbáint aon taise dhom. Duine gan aon truagh seadh thu, ná tabharfá síntiús éigin, a bheag nó a mhór, don aindeiseóir bacaigh sin: gan aon mhotháilt don té a bhíos i nganntar. Lé truagh dho thug sí lóisdín oidhche: lé géilleadh dá aiste. Níor leath-truagh liom duine gustalach rud do ghoid uaidh ach an duine go mbeadh bocht: ní ghoillfeadh an oiread céadna orm. Bíonn truagh mo chroidhe agam dóibh ag imtheacht ina leath-throscadh: gaibheann a gcás tríom. Nára truagh lé Dia é, an bleaigeárd, níl aon rud ná go bhfuil tuillte aige: níor chóir aon rian taise do bheith dho. "Is truagh san, a leabhair bhig bháin go dtiocfaidh an lá is gur fíor, go ndéarfaidh neach os chionn cláir 'ní maireann an lámh do scríobh'": cúis bhróin é. Céaca is mó de thruagh, an bodhrán nó an dallacán?: is mó a thuilleas taise. Is truagh an té bhíonn ag brath ar dhroichsheirbhíseachaibh: an té a bhíos i dtreis leó téigheann cómbáidh dho. Is mór an truagh gan é do bheith ag obair ach nár mhó ná san de thruagh é do bheith tinn ná breóidhte: nár bh'anacraighe. Céaca is mó dhe thruagh Mhuire (Dé) baintreabhach fhir nó baintreabhach mhná? Is fearr fuath ná fíor-thruagh: b'fhearr do dhuine bheith neamhspleádhach agus col do bheith leis ná bheith ar aiste thruaillighthe is bheith ag brath ar mhaoithneachas cháich. Ná bí dian air, bíodh truagh agat do: bí trócaireach. "Agus scriosfaidh thusa an uile phobal a thoirbheasas do Thighearna Dia dhuit, ní bhia truagh ag do shúil dóibh etc." (Deut. VII. 16): ní ghlacfaidh trócaire dhóibh thu ar amharc ortha. "Agus thug sé ar gach aon dá rug leó iad i mbraighdeanas truagh do dhéanamh dóibh" (Sailm CVI. 46): bheith báidheamhail leó. A thruagh mhór go raibh aon bhaint riamh agam leó, mar is iad an dream anchúinseach iad: is adhbhar aithreachais aithmhéala é. Mo thruagh go daingean anocht é ar thóin an phríosúin go fuar is go hocrach gan éinne beó ghá éileamh: adhbhar bróin. Nách é an truagh gur leigis uait é, is maith theastóchadh sé uait féin anois: díombáidh mór é. Is é a thruagh nár scríobhais chugham ar dtúis sar ar luadhais m'ainm go poiblidhe: adhbhar aithreachais é. Thug sé súil na truagha orm nuair bhí an gábhadh agam leis: na taise: thug sé fóirithint orm. Níor thruagh leat éinne ach é ag tabhairt a chuid fola annsúd: goilleadh go croidhe ort. Is truagh liom féin me féin: mara bhfuil taise ag neach dom is beag agam cách agus athróchad mo phort i slighe is ná bead i lúib ná ar thrócaire éinne airís. Truagh

na dtruagh gur ceangladh riamh í, bean chómh maith léi, lé scraiste mar í: beart a chorróchadh an croidhe is cruaidhe lé n-a híogaire.

truagh-: (**truaigh-**) *i gcfbh.* maoithneasach, tais, tláth-chroidheach, dearóil. Níl aon cheal truagh-aighnis air ach sin uile a bhfaghfá uaidh: mórán taise béil gan tacaidheacht gnímh. An truagh-aimsir atá anois ann ní maith an earra chun taistil í: aimsir dhona. Fiafruighim dhíot cé hiad a bhíos ar thaobh na dtruagh-bhochtán: iad so a bhíos bocht ar fad gan foillse ar bith. Ná bí truagh-bhladhgarach liom-sa mar ná creidim focal uait: ghá shuidheamh go bhfuilir i bhfad níos aindeisighe 'ná táir, ná mar tá tuillte agat. Ní fhéadfá ach bheith ar an gcuma go bhfuilir is an truagh-bhunadh gur shíolbhuighis uaidh: daoine nár bh'fhiú puinn iad. Nuair labhrann sé féin ní bhíonn sé chómh truagh-bhéalach san a rádh ná tabharfaí slat dá thómhas féin: ní bhíonn cneasta as a theangain. Is truagh-bhreallach mar fhágair do ghnóth gan leath-dhéanamh: a aindeisighe sin go ngoillfeadh sé ar dhuine. Ní mhúsclóchadh aon truagh-bhriathra maoithneachas ina chroidhe chruaidhe súd do dhuine: cainnt umhal-iarratach. An truagh-bheatha atá caithte aice ina fhochair is beag eile a fhoidhneóchadh í – droich-dhéanamh is droich-bhiadh: beatha anacrach. Níor leig an bhean thruagh-chroidheach san duine follamh ó n-a tigh riamh: carthannach. Budh thruagh-chroidheach leat mar radharc an scata gárlach ag imtheacht cos-nochtuighthe sa bhfuacht. Is maith an bhail orm truagh-chómharsain do bheith agam, mar budh mhinic i ngábhtar me: cómharsain go ngoilleann cruadhtan an duine thall ortha. Chreithnigheas ó bhonn bathas nuair d'amharcas an truagh-chrot a bhí uirthi, b'ait liom gur ghein dhaonna í: an chuma áidhbhéil lé dearóile a bhí uirthi. Éirighimís as an dtruagh-chómhrádh so, is tairringímís chughainn rud éigin a bhíodhgfaidh sinn: cómhchainnt gan blas, gan dath. Duine nách mian liom bualadh uime in ao'chor, briseann a thruagh-cheisneamh mo chroidhe ionam: an béal bocht. Is truagh-chráidhte an caonaidhe anois é, nách eól do cá dtabharfaidh a aghaidh ná cad a dhéanfaidh sé: ciapaithe an oiread san go mbeadh mairg ort ina thaobh. Is é an truagh-chreach go deó aon rud d'imtheacht air mar budh mhaith an duine é: díth raghadh go smior i nduine. Ar an dtruagh-chúnntas do fuaireas ina thaobh níor bh'fhéidir leis bheith go maith ná go cóir: tuairisc a chorróchadh an croidhe ionat. Má tá a dóthain fachta ag tír ar bith de thruagh-dhaoirse tá ag Éirinn: cruadhtan thar na beartaibh. Is é sin an truagh-dhualgas do fuaireas-sa as ar dheineas ar a son, nár fhágas i gcois ná i láimh é gan caitheamh leó: cúiteamh bocht. Sin é an truagh-dhaingniughadh a deineadh ar an ndoras is a rádh gur leag an beagán gaoithe úd é: daingniughadh suarach. Ní maith liom an truagh-thaidhbhseamh atá aige thar éis an chatha breóidhtighe sin: cuma thruaill, shuarach. Bhaineadh sé deóir ón gcloich ghlais an truagh-éigheamh a bhí aige é d'fhuascailt ón bpian ina raibh sé: an glaodhach géibhineach, brónach. Cuid mhaith go bhfuil a ndóthain aca agus breis agus mórchuid go bhfuil truagh-easnamh ortha: ceal gáibhtheach. Ghoinfeadh an truagh-fhéachaint atá aige lé hocras duine: an chuma dhearóil, easbhadhthach. In am is go raibh an t-atúrnae réidh lé n-a cheistiughadh ní raibh san bhfear ach truagh-fhíné, é suaidhte, claoidhte, measuighthe: bainte dá threóir: mearbhallach. Má bhí neach riamh i dtruagh-ghábhtar, tá súd, níl luid lé n-itheadh aige ná lé cur air: fíor-ghábhtar: ceal a mhothóchadh neach ar bith go mbeadh croidhe aige. D'aithneóchadh neach in ao'chor go raibh an scéal go haindeis ag an dtaoiseach gan ach amharc d'fhagháil ar a thruagh-ghiollaidhibh, iad gan éide ná trealamh: go raibh cuma shuarach, thruaill ortha. Tháinig sí chugham go truagh-ghlórach ag iarraidh cabhartha: ag cur síos go duairc, mairgeach ar a buaidhreamh. Is iomdha cealltar is ceannaghtha dearóil

feiscithe agam ach ní fheaca fós riamh neach budh thruagh-ghnúisighe ’ná é: go raibh crot chómh haindeis ar a ghné. Shilfeá deóir fés na truagh-iarrachtaidhibh a thugadh sé ar éirghe is gan é de neart ann: iarrachtaidhe dearóile. Chuirfeadh sé náire agus aithis ar aon dream eile ach ortha, an truagh-íde atá aca dhá thabhairt ar na bochtaibh: an clódh suarach, aindeis atá aca dhá fhágaint ortha. Nách féidir aon chabhair do thabhairt don dtruagh-lánamhain seo ná fuil luid lé n-itheadh fé iadhadh an tighe aca is ná fuil ábalta ar rian oibre do dhéanamh lé haois: lánamha ná féadfadh faic do dhéanamh dóibh féin. Nuair osclann sé a bhéal ar na bochtaibh is go truagh-labhartha é, cáisigheann sé go mór iad: bíonn mairg air ina dtaobh. Nách truagh-mhairgeach ataoi ’na thaobh ’e bhreis ar chách uile is gurb é is lugha d’fhulaing: go hárd-bhrónach. Dá mbeifeá dhá bháthadh ní chuirfeá aon truagh-mhairg orm, geallaim dhuit, ní háil liom thu: ní ghoirteóchadh sé ar a luighead me. Na truagh-mhéireanta atá air, is iad atá gan neart: méireanta gan acfuinn, beaga, suaracha. Oidhche thruagh-phiantach a chaith sé airéir: go bocht, diachrach lé hiomard. Féach an bhfaghfaí rud ar bith lé n-itheadh don dtruagh-scraiste seo, tá sé ina leath-throscadh furmhór a shaoghail: aindeiseóir a ghoinfeadh thu. Ní nár duit maoidheamh go deimhin as an dtruagh-shaothar so, budh cheart náire do bheith ort ina thaobh: déantús suarach. Nílim réidh fós leis, níl bainte as agam ach truagh-shásamh: sásamh nách fiú trácht air. Budh cheart rud éigin do dhéanamh dos na truagh-scaoinsidhibh seo a chaitheas a saoghal ’sa ndrom lé falla: an dream so go mbíonn aindeise an tsaoghail go dian is go cruaidh ortha. Níl faic aniar aige mar is gnáthach leis ach na truagh-scéalta: tuairiscidhe dubha, dubrónacha ar shaoghal is bheatha na ndaoine siar. Do mhnaoi a bhí chómh háluinn, maiseamhail tamall níl anois uirthi ach truagh-sciamh: deallramh silte, suarach. Is truagh-scriosta an ceanntar anois é thar éis an ghála, níor fágadh luid des na barraidhibh lé chéile: díth iomlán. Ní dheaghaidh an geimhreadh go ró-mhaith dho, tá sé go truagh-sheirgthe ina dhiaidh: chómh caithte lom san go mbeadh do chroidhe suaidhte aige. Nách mé atá dhá chrádh ag an saoghal, an truagh-shíománaidhe seo i leith an tighe liom gan déanamh ná fagháltas ann: truaghán aindeis ná fuil oighear a bheatha ann. Sin í mo shloinneadh is ní truagh-shloinneadh í, beir leat: suarach ná neamhghalánta. Má éisteóchadh éinne léd chás dhéanfadh súd, duine truagh-thaiseach é: maoithneachasach: truaighmhéileach: géilleamhail don té a bhíos ar lár. An truagh-thaidhbhse atá aige ní déarfadh neach go mbeadh preab ná lúth ann: an chuma thruaill, neamhchurata atá air.

truaghadh: *f.* (*-uighthe*) do dhéanamh truagha dho, do dhul i dtanaidheacht. Toisc gan go leór saille do bheith dhá itheadh ag na daoinibh deirtear go bhfuilid ag truaghadh: ag dul as. Raghaidh truaghadh ar an stoc má fágtar ar an dtalamh bocht san é: lomfaid. Is éachtach an béal atá uirthi, bíonn sí ag truaghadh gach éinne: ag déanamh bróin dóibh.

truaghaim: *b.a. & n-a.* déinim truagh nó brón do; tanuighim, seargaim, téighim as. Truaghuigh thu féin, ná truaghuigh mise: bíodh taise agat duit féin: ná leig ort maoithneachas do bheith agat dom-sa .i. ní theastuigheann do bhéal éagcráibhtheach uaim-se. Sin é an duine ná truaghfadh do chás dá mbeadh aonnidh ort: ná déanfadh combáidh ná combrón leat. Nách bog, tais an croidhe atá aige go dtruaghann sé an saoghal mór: go nglacann maoithneachas é do neach go mbeadh iomard air: go mbíonn ag cáiseamh pé ceasnaidhe bheadh ar dhaoinibh.

truaghaire: *f.4.* truaghán, duine truaillighthe, scearrachán, aindeiseóir. “Nách muar an t-óbhacht ’s an gleó i measc daoine truaghaire ’et shórt gan bhó gan chaoirigh”: aindeiseóir dealbh. Ag féachaint ar an dtruaghaire dhom nuair mheabhruigh sé go raibh marbhadh déanta aige chuir sé uabhar guil orm: duine go raibh clódh is aiste dhona air. Na truaghairidhe bailighthe isteach ag cómhgarach ar a chéile i seanbhathalachaibh tighthe gan bhiadh gan teine, cé hé ná goillfidís air: daoine anacracha, anróidh. Mise an truaghaire ag peacughadh in aghaidh an lae: duine dona, mío-ádhmharach.

truaghamhail: *a.* dona, aindeis, tais. Má tá croidhe truaghamhail agat maith dho, is maithidh Dia dhuit is dúinn go léir an lá déidheannach: croidhe tais, géilleamhail. Is truaghamhla liom boicht na sráide cheal ruda lé n-itheadh ná tusa, a thnútháin, ar lorg dighe: is leagtha leó atá mo chroidhe.

truaghán: *f.1.* duine dona, aindeiseóir, anróidhteach, suarachán. Truaghán fir mar thusa go mbeifeá ag dul chun cocaidheacht le fear groidhe mar é sin! mo thruagh do cheann: fear gan aon scrothaidheacht. Níl ionam, gidh gur fear mór me, ach truaghán ar a ghualainn siúd, fathach seadh é: duine gan toirt gan chlódh. Ní iomcharóchadh an truaghán asail sin móin lé fánaidh an chnuic: asailín meathlaithe. Leig don dtruaghán, ná fuil a dhíol d’aindeise an tsaoghail cheana air: duine mío-ádhmharach. Budh chóra go mór dhuit, is budh charthannaighe, rud éigin do thabhairt lé n-itheadh don truaghán ná bheith ghá imdheargadh i dtaobh a bheith ar an aiste go bhfuil sé: duine go bhfuil an saoghal luighte go trom air. Ní bheinn ag brath ar thruaghán chun aonnidh: duine gan lúth gan tapa. Truaghán caorach: caora shuarach. “Óir, adeir tú, atáim saidhbhir agus líonta de mhaoin, agus ní bhfuil uireasbhaidh éinneithe orm; agus gan a fhios agad go bhfuil tú dearóil, agus id thruaghán, agus bocht, agus dall, agus lomnochd” (Tais. III. 17). Scaoil isteach ó shín na hoidhche é is ná fág ina thruaghán cois falla é: duine go mbeadh aiste aindeis air trí ghábhadh nó fhulang. Tugaim fé ndeara go bhfuil truaghán ag déanamh díot lé déidheanaighe: duine neamh-lúthmhar ag déanamh ar do chosaibh díot.

truaghánta: *a. n-dh.* truaillighthe, trochailte, droch-chlóidh. Cad thug an chuma thruaghánta air? an rug aon scannradh ná anródh air?: truaillighthe: claoidhte. Ní fhéachfadh na ceannaidhthe siar ar ainmhidhe chómh truaghánta leis an gcapall a bhí aige dhá dhíol: dona lé hamharc. Is truaghánta an duine i mbád nó i nadhbhóig thu, budh dhóigh lé neach gur istigh i lár na dúthaighe do saoghaluigheadh thu: aindeis, neamhéascaidh. Ní mheabhrófá choidhche an chuma thruaghánta a bhí orainn thar éis coighcís ar stailc ocrais, lán d’fhéasóig is de shalachar, caithte, croithte: suarach, truaillighthe, aindeis, dona. Ní cheannóchadh neach é, bhí sé ró-thruaghánta, ní mór go raibh oiread mo dhuirn ann: ró-neamh-thoirteamhail. Is truaghánta an síntiús a thugais uait, ná raibh aon náire ort na daoine it fheicsint: suarach: náireach mar chómhartha féile. Bheadh náire orm siubhal chómh truaghánta leat-sa, atá ag tarrac do chos id dhiaidh: aindeis.

truaghántacht: *b.3.* suarachas, aindeise, truaillightheacht, meathtacht. Ní leigfeadh an truaghántacht croidhe dho labhairt, oiread is aon fhocal amháin ar a shon féin: meathtacht: mí-mheisneach. Cad é an truaghántacht atá ort leis? ach breith isteach go daingean air is do bhualadh fút thíos: aindeise: ceal lútha is tapaidhin. Ní glacfaí ar aon

fhuirinn é lé truaghántacht a chlóidh: meathlaitheacht: aindeise. A thruaghántacht féin a chaill é, dá mbeireadh sé ar an dtéid nuair caitheadh chuige í bhí aige: aindeise: ceal bheith pras, mear. Ní ghoillfeadh truaghántacht dhuine ar a chroidhe glas súd: aindeise aiste.

truaghas: *f.1.* truaillightheacht, aindeise, combáidh, taise. Ní cheannóchadh neach iad lé n-a dtruaghas, ní raibh ionta mar dubhairt fear ach an croiceann is na cnámha: aindeise clóidh: boichte, léirightheacht. Thiocfadh maoithneachas agat lé líon an tighe aindeis úd nuair chídhfeá an truaghas scríghte treasna in éadan gach caonaidhe aca: donacht. Ní bheadh aon truaghas ges na sáithiridhibh seo dhúinn dá mbeimís ag tuiteam lé siolagar, níl coguas ná géilleadh ionta: taise.

truaghnairt: *b.2.* duine dearóil, naoidhe truagha. An chéad rud gur thuit mo shúil air truaghnairt mhná ina suidhe ar cromadh cois na teineadh, a haghaidh 'sa lámha caithte, croithte is gan uimpe ach truithinis éadaigh: bean go raibh clódh ceart na haindeise is an anróidh uirthi. Éirigh is ná bí id shuidhe id thruaghnairt annsan: cnochaire: mar duine go mbeadh cuma chlaoidhte, dhearóil air. Í ina truaghnairt bhocht gan chor aiste ach ar nós na cloiche ó bheith ag gol 'sag buaidhreamh: í tnáidhte, spréidhte ina cnochaire mar bheadh duine gan luadhaill gan luadar gur chuma leis bás nó beatha. É féin ag ól ó thigh tábhairne go tigh tábhairne is a bhean suidhte ina truaghnairt sa trucaill ag feitheamh leis: go neamh-sheascair dearóil. Thuit sé ina thruaghnairt, is níor fhéad éirghe: ina chlais aindeis. Is mó truaghnairt sa pharróiste ná fuair cóngamh ná déirc, ach ní mar sin do dhaoinibh teasbamhla: daoine go raibh fíor-easbhaidh ortha. Bhíodar ag gabháil ar an dtruaghnairt go dtí go rabhadar cortha dhe.

truaigínteacht: *b.3.* athchuinghe dhian. Tháinig sé chugham ag truaigínteacht, ach d'imthigh sé sa chasadh chéadna: ag lorg go truaighmhéileach, ach ní bhfuair sé faic. Níor bh'aon mhaith dhom bheith ag truaigínteacht air, is dul ar mo dhá ghlúin chuige, fiú amháin, ní bhainfinn hob ná héib as: ag lorg go dian, díoghraiseach. An tnúthán suarach, sin í a cheárd ag gluaiseacht ó thábhairne go tábhairne ag truaigínteacht dighe ar dhaoinibh: ag lorg go truaighmhéileach. Beir leat ná beinn-se ag truaigínteacht ort, ach mara bhfaighead rud ar é do lorg go fearamhail éirghe as: ghá lorg ar son Dé ná ag dul ar mo ghlúinibh ina gheall. Ní mór gur bhuail sé riamh liom ná go mbeadh sé ag truaigínteacht: ag cáiseamh, ag cur a aindeise in iúil is ag tnúth. Ní fear truaigínteachta mise agat, cuimhnigh, ach duine a éiligheas an rud a bhíos uaidh: iarrathóir lútála.

truaighmhéil: *b.2.* taise, maoithneachas, mairg, iomard, gearán. Ná déin aon truaighmhéil do, ná tabhair faic do, níl aon easbhaidh ar an gcladhaire sin: ná glacadh taise dho thu, go dtabharfá aonnidh dho. Ní bheadh aon truaighmhéil aige dhuit dá mbeifeá ag fagháil bháis leis an ocras: ní mhothóchadh sé aon ghoin bhróin duit. Truaighmhéil cheart í, scata gárlach ina tímcheall is gan aon rud aice ná dul air a chuirfeadh sí 'na mbéal: naoidhe a chorróchadh an croidhe ionat. Seasamh fada ar chosaibh laga chughat i ndoras tighe gan truaighmhéil: go mbír i bhfad ag feitheamh i mbéal dorais gan fóirthint bídh ná dighe do thabhairt ort. "Is é an saoghal é gach éinne is a thruaighmhéil féin aige", ars an té go raibh na fichididhe ag teacht chuige, ag gearán a

gcáis: scéal brónach. D'fhan sí ag lorg 'sag lorg air is truaighmhéil ina glór: brón is mairg. Is í an truaighmhéil í, ar lorg fir is ná faghadh sí é: cúis mhairge.

truaighmhéileach: *a.* brónach, mairgeach, tais, cneasta, combáidheach, goilleamhnach. Budh thruaighmhéileach leat bheith ag éisteacht léi ag gearán, bhainfeadh sí deóir ón gcloich ghlais: dubrónach: mairgeach. Mar is gnáthach, bhí scéal truaighmhéileach aige, is budh dheacair é d'eiteach: eachtrach bhrónach chun ruda éigin d'fhagháil. Bhítheas níos truaighmhéilighe don mhnaoi toisc a gné 'ná bhítheas don bhfear, níor cuireadh uirthi ach dhá bhliadhain braighdeanais i gcoinnibh deich mbliadhan air sin: níos cneasta: níos trócairighe. Ar feadh na hoidhche ar fad, bhí gearán truaighmhéileach dhá dhéanamh aige, cómhartha go raibh tinneas trom air: gearán a mhúsclóchadh maoithneachas. Daoine truaighmhéileacha seadh iad níor fhágadar éinne riamh fé ocras ná thart ná fé shín na hoidhche: mór-charthannach: lán-trócaireach. Budh neamh-thruaighmhéileach an bualadh a thugadh an máighistir dúinn nuair bhíodh olc air, ní choigleadh sé an bata: gan aon ghéilleadh don ngortughadh a thugadh dúinn. Bí truaighmhéileach leis an ainmhidhe balbh ná féadfadh a ghearán do chur in iúil: glacadh taise dho thu. Raghad-sa chun duine éigin is truaighmhéilighe, duine ná beidh ag gáiridhe fém ghearán: go mbeidh breis ghéillte aige. "Breathain go caoin, is bí truaighmhéileach, beannaibh a gcinn is suim a gcéille": cneasta, trócaireach. Thugas mo chúl leis an dtigh is mo chroidhe chómh truaighmhéileach san dá raibh d'iomard is de bhrón tárluighthe ann na raibh sé de mheisneach ionam féachaint im dhiaidh air: chómh mairgeach, an oiread san corruighthe taise ghom shuathadh.

truaighmhéileacht: *b.3.* aiste thruaighmhéileach. Tá malairt thruaighmhéileachta ná san ann, ní bheadh sé dian ar lorg an chíosa ar an té ná rángóchadh sé aige láthair na huaire: tá breis dhaonnachta ann. Léigh stair an cheanntair – an dóighteán, an ruagairt, na creacha, an ghorta go léir, nách ann atá an truaighmhéileacht: an t-iomard mór, trom a chorróchadh an daonnacht i nduine.

truaill: *b.2.* clúdach, dúbla, taisce; an creat. Thairring sé a chloidheamh as a thruaill is bheartuigh é: an clúdach leathair, miotail nó adhmaid a bhíos air. "Do chur sé a chloidheamh isteach airís ina thruaill" (1. Croinicidhe XXI. 27). Dar thruaill m'anama dá mbeinn láithreach ní bheadh an cúrsa ar a dtoil féin aca: dar mo chorp. An truaill talmhan so, nách aindeis é do dhán!: an corp.

truaill: *b.2.* aindeiseóir, cadhain, bochtán, máchail, mortlughadh. Baic is truaill ort, maran tu an t-iomard ameasc daoine: martruighthe agus máchailiughadh galair ort go ndreóghair leis. A Mhaighdean gan truaill: gan teimheal, smál: gan peaca. Truaill an chuirp: lobhadh. Nách me an truaill cheart, lámh gach nduine im choinnibh, gan faoiseamh gan trócaire: duine ar aiste aindeis is gan taise ó neach aige. Ní haon tslighe dho bheith ag imtheacht ina thruaill mar sin ar fuaid na dúthaighe is bheith ag codailt amuigh cois na gclathach: ina aindeiseóir gan áird. Fágadh im thruaill ag an ndoras me gan neach d'fhéachaint siar orm ná rud do thabhairt lé n-itheadh dhom ach oiread is dá mbudh ná beadh ionam ach cloch: duine go gclódh dearóil

truaill: *a.* aindeis, mío-chlóidh, dona, mearbhallach. An duine truaill, leigtear do féin ná fuil a dhóthain d'aindeise cheana air, a chuid ar fad caillte aige: mío-ádhmharach. An tigh 'san áit thruaill atá aige ní hiongadh é do bheith suaidhte ina aigne: dealbh, suarach, sprionnlaithe. Ní bhlaisfinn an deoch thruaill sin dá me thu, is measa í 'ná uiscealach: gan aon scabhárd, dearóil. De phreib d'imthigh an dearbhthacht is an tóirtéis de, tháinig cuma thruaill air nuair cuireadh an t-éitheach siar air: claoidhte, suarach.

truailleach: *a.* corpardha, claon, cuirptheach, éilnightheach, bréan. Ní thaithnigheann a nósa truailleacha liom, an aithris seo ar ghnásaibh thar lear: gan an caighdeán ceart snastachta ná cáiréiseachta ionta. Ag tagairt do shíor do chúrsaidhibh draosta is cainnt ghairseamhail aige ní fuláir nó is truailleach an aigne atá aige: olc maidir lé riaghaltacht. Níl aon Ghaedhealaing aige, ach go truailleach, tá mórán de chrot an Bhéarla uirthi: neamh-ghlan. Focal truailleach seadh é, ní mór gur fiú cuimhneamh air: suarach, gan puinn tábhachta. Aer truailleach ann a bhainfeadh t'anál díot gan oscailt ná fuinneóg air: múchta: neamhshláinteamhail.

truailleachas: *f.1.* suarachas, sprionnlaitheacht, dreódhachaint, lobhadh, meathachas riaghaltais, milleadh, lot, urchóid. Thuit sé i dtruailleachas an oiread san go stadfadh ar an sráid thú ag truaigínteacht dighe ort: chómh híseal, suarach i míoghalántacht. A thruagh an truailleachas atá aca dhá dhéanamh ar an nGaedhealaing ag tarrac cora cainnte Béarla isteach innte: milleadh ar a líomhthacht. Is iomdha focal againn go bhfuil truailleachas déanta air gur ar éigean is féidir an phréamh d'aithneamhaint: é athruighthe ar olcas. Ní dheaghaidh aon truailleachas ar a threabhachas, tá an mianach ceart, maith céadna ionta indiu agus bhí na céadta bliadhain ó shoin: ní dheaghadar chun deiridh ar aon tslighe.

truailleacht: *b.3.* suaraidheacht, tréigean nó meath tréithe, dul chun deiridh. Toisc an droich-chineáil bídh agus a dheacracht a bhí sé ortha maireachtaint leis na ciantaibh ní fhéadfadh a sliocht éalódh ó thruailleacht, sin é a fhág gan scrothaidheacht iad, claon lé galaraibh: meathachas. "Gach dream dá dtiocfaidh ag dul i mine is i mbréagaighe" mar dubhairt an seanfhocal. In aon fhocal amháin ag dul i dtruailleacht. Tugaim fé ndeara truailleacht ar chapaillibh an cheanntair seo lé tamall maith anois, nílid chómh groidhe ná chómh hacfuinneach agus bhídís: meath ag dul ortha. Croidhe na truailleachta fé ndeara dho a dhúthaigh do thréigean dá namhaid: meathtacht: soi-bhreabthacht. An droch-chlódh atá air agus na gníomhartha sprionnlaithe dheineann sé scríobhann siad an truailleacht treasna ar a éadan: an tuiteam ón ngalántacht is fearamhlacht.

truailleán: *f.1.* duine nó rud suarach, meathluighthe. Dhein an saoghal is an buaidhreamh truailleán ar mo chosaibh díom: chlaoidh an oiread san me go bhfuil cuma chaillte, shuarach tagaithe orm. Cad bhí agam, cad bhí lé déanamh agam ach imtheacht im thruailleán ag lorg greama annso is bolgaim annsúd ar son Dé chun an anama do chongbháil ionam féin: aindeiseóir: duine a bhíos chómh dearóil, islighthe i neamh-spleádhachas is i bhfearamhlacht. Tháinig tocht im scórnaigh nuair d'amharcas an scata truailleán leanbh ar fuaid an tighe gan acht na giobail ortha is gan faic lé n-itheadh aca: cuma mheathluighthe claoidhte ortha. Níl aon rud dá olcas go gcuimhneóchadh duine air ná go ndéanfadh sé sa deireadh, dhéin truailleán an oiread san de: suarach: táir.

truailleánach: *a.* táir, suarach, sprionnlaithe. I ndeireadh dála thiar d'iompuigh sé chómh truailleánach san go dtógfadh sé breab ó aon taobh go bhfaghadh sé í is go gclisfeadh ina theannta san ortha: tréigthe go hiomlán ar fad maidir lé fearamhlacht nó galántacht de. Níor thúisce a bhí gach aon rud fionntha aige ón té gur léig sé air leis gur chara fíor dho é rinne sé an rud is truailleánaighe is féidir lé neach bheó do dhéanamh scéadhachtaint air: an gníomh is táire amuigh. Cladhaire truailleánach ná stadfadh ar aon rud dá olcas do dhéanamh: sprionnlaithe: neamhfhearamhail. An croidhe truailleánach atá aige sin ní ghoillfeadh gorta ná broid air faid is bheadh sé féin saor uatha: sprionnlaithe.

truailleántacht: *b.3.* aindeise, sprionnlaitheacht, dearóileacht, claoidhteacht. Féach ar an slighe mhaireann na boicht, go mórmhór sa gheimhreadh, sa cúlshráidibh ar chaol-chuid bídh is teasa is éadaigh, is nách beag againn a dtruailleántacht: aindeise: fulang. Tháinig an oiread san truailleántachta croidhe orm nár fhan fonn ná spirid ionam aon iarracht do dhéanamh ar labhairt ar mo shon féin ar chlos an dearg-éithigh ar fad im choinnibh: claoidhteacht: thuit an lug ar an lag agam. Gach aon phinginn go bhfaigheann greim glaice uirthi isteach ina cheirt léi agus snaidhm uirthi mar a bhfanann lé méid a thruailleántachta: cruadhas croidhe, sprionnlaitheacht.

truailleánta: *a. n-dh.* aindeis, suarach, meathta, claoidhte, díblidhe. Thaidhbhsigheadar dom-sa chómh truailleánta san go raibh sé im cheann go rabhadar furmhór a n-aimsire gan aon bhiadh nó leath-ocras ortha ach go háirighthe: chómh suarach clóidh, cuma chómh meathta san i gcorp is i spirid ortha. Leig don gcréatúir truailleánta, ná fuil lúth a ghéag aige, is téighir i dtreis do chomórtais féin: claoidhte, aindeis. Riamh 'si gcómhnaidhe beatha thruailleánta aige lé n-a mhnaoi, í furmhór a saoghail ag sráideóireacht 'sag tabhairt faillghe ina tigh, go minic air féin a chuid bídh d'ullamhughadh dho féin: aindeis, anródhach, buadhartha, neamhsheascair.

truaillidhe: *a. n-dh.* táir, suarach, teimhealuighthe, sprionnlaithe, díblidhe, neamh-ionraic. An déirc féin ní thógfainn ó n-a lámhaibh truaillidhe, níl aon rud dá bhfuil aige nách go cam, calaoiseach do fuair sé é: teimhealuighthe: lámha mí-ghníomha. D'éigh sí air gan a lámha truaillidhe do leagadh uirthi nó go scaoilfeadh sí an ghaoth 'san ghrian tríd: lámha nár bh'fhiú iad de dheascaibh a mhíghníomh roim ré lé mnáibh. Fan uaim dá dteangmhuighteá liom bheinn truaillidhe uait: d'fhágfá teimheal orm. Neach díobh dá raibh ar an gcómhairle ní raibh gan bheith truaillidhe, dearbhuigheadh go soiléir gur ghlac gach n-aon aca breab: lobhtha: mío-mhacánta. Is róbhaoghalach go bhfuil m'anam bocht chómh truaillidhe lé hanam chách: teimhealuighthe: peacamhail. Diabhailín truaillidhe é sin ná caithfeadh scilling ar a anam do shaoradh: suarach.

truaillidheacht: *b.3.* sprionnlaitheacht, suaraidheacht, neamh-ionracas, aindeisidheacht. Mara mbeadh a thruaillidheacht liom, is nár mhaith liom barra méire do bhualadh ar rud chómh lag, dearóil leis, do bhuailfinn i bpoll na cluaise lé deoiricín é: a sprionnlaitheacht: a náiridheacht liom. Níl croidhe ná spirid anois ann, ní chaithfeadh sé aonnidh dá saoradh sé ón mbás é, tá sé imthighthe chun truaillidheachta ar fad: suaraidheacht, cruadhas croidhe. A dtruaillidheacht a ghoillfeadh ort, an dealbhas is an t-ocras ag fagháil an lae ortha: an aiste aindeis atá ortha. Pé olc maith a bheadh sé as níor ghaibh aon truaillidheacht é, choimeád sé greim ar a mheisneach is ar a neamh-spleádhacht: níor

thuit sé go húiríseal. Bhíodar dreóidhte ag an dtruaillidheacht go ndíolfaidís nách mór a n-anam ar bhreib: meathtacht i riaghaltacht. “Diospóireacht chiapálach dhaoine truaillidheacht na n-intinn agus atá dealuighthe ris an fhírinne, agus a shaoileas gur diadhachd a n-éadáil; dealaidh ré n-a samhail sin de dhaoinibh” (1. Tiom. VI. 5): atá tuitithe ina riaghaltacht: malluighthe, mío-fholláin.

truaillighim: *b.a.* úiríslighim, éilnighim, masluighim, trothluighim, coirpim, teimhealaim, sailighim. Truailligheann droch-chuideachta deagh-bhéasa: loiteann: téighid chun deiridh agus meathaid. Níor thruaillighis riamh thu féin ach baint do bheith agat leis an ndream mí-riaghalta úd: níor chuiris do chlú is do cháil i gconntabhairt. “Acht do chuabhair-se as an tslighe; thugabhair ar mhórán tuisle ar an ndligheadh; do thruailleabhair connradh Léibhi a deir Tighearna na Slógh” (Malachai II. 8): do bhriseabhair: chuireabhair bonn os cionn. “Ná cruinnighidh ionmhas ar an dtalamh mar a dtruailligheann an leómhan agus a mheirg é, agus mar a dtochlaid is mar a ngoidid na bitheamhnaigh” (Matha VI. 19): mar a n-itheann. “Agus adubhairt an Tighearna ré Maoise, éirigh, imthigh rómhat síos, noch do phobal do thug tu amach as chrích na hÉigipte do thruailligheadar iad féin” (Ecs. XXXII. 7): do loiteadar iad féin: do chailleadar a meas: chuadar lé míriaghaltacht. Ní thruailleóchainn ainm Dé, glaodhach air, chun na fírinne do dhearbhadh duit-se ná éinne eile mara gcreidir m’fhocal leis: ní ísleóchainn: ní thógfainn gan adhbhar ceart í. Ná truailligh an fhírinne, inns gach focal di: ná teimhealuigh. Cad a thruailligh an oiread san é, níor fhan oiread an frighe ann d’fhear mhór mar é?: cad luigheaduigh?: a thug crot chómh suarach san air. Thruailleóchadh an cruadhtan is an t-anródh an té is láidre agus is meisneamhla: dhéanfadh duine suarach de: thabharfadh cuma na haindeise air. Ní hé a thruailleóchadh in ao’chor thu, dá mhéid meas agat ort féin, lámh chabhartha do thabhairt dúinn lá fóghmhair: shaileóchadh, a ísleóchadh i gcéim thu. Ní thruailleóchadh an gaige seo é féin lé lá oibre do dhéanamh: ní shaileóchadh a lámha: ní lamhálfadh an oiread san de rian an sclábhaidhe air féin.

truaillighthe: *a.r.* teimhealuighthe, loitithe, éilnighthe, sailighthe, trothluighthe, suarach. Óráid thruaillighthe a thug sé uaidh d’aindeóin a mhaoidte go léir, bhrathfá air ná raibh muinghin as a bhriathraibh aige: suarach. Talamh róbhocht, rófhuar, róscéirdeamhail ní fhéadfadh na hainmhidhthe bheith ar aon chuma eile ach truaillighthe: beag, suarach, dearóil. An crot truaillighthe atá ort thar éis na ragairne: dearóil: suaidhte, tugtha. An t-anam truaillighthe, Dia go bhfóiridh air: peacamhail. Budh thruaillighthe liom é lé n-a thógaint, d’fhágas im dhiaidh é: budh beag, budh mheathluighthe: ní raibh mór nó slachtmhar go leór. Áit ná fuil an teanga truaillighthe fós ann, í lé clos go bríoghmhar ag óg is ag aosta: loitithe nó measctha lé teangain eile. Tá aigne na ndaoine an-thruaillighthe fé láthair ag allmhurachas, féach ar ár dtighthibh grinn is ádhbhachta, gan faic ionta a bhaineas lé hÉirinn: teimheal curtha uirthi: a fuinneamh ’sa brigh díblighthe. Ná blais an t-ím truaillighthe, tá rud éigin air, tá blas gránda air: cabhruighthe, tá a bhlas is a bhrigh loitithe. Má fágtar na hógánaigh i bhfad eile ameasc choirptheach na gcúl-shráideann beid chómh truaillighthe leo: chómh haindeis maidir lé mí-riaghaltacht is mí-bhéasamhlacht. Teanga thruaillighthe labhraid ann, Frainncis is Gearmáinis measctha.

truailliughadh: *f.* (*-uighthe*) teimhealughadh, éilniughadh, sailiughadh. Ag truailliughadh áraistidhe coisrigthe lé bheith ag ól dighe mearbhaill asta: ghá

dtarcuisniughadh is ghá sailiughadh. Cad chuir an truailliughadh go léir air? bhí a dhá thoirt anuiridh ann: meathlughadh. É d'iarraidh t'ainme do thruailliughadh lé bheith ag cur éithigh ort: d'iarraidh aithise do thabhairt dhuit. Truailliughadh ar aon teangain bheith ag tarrac canamhan eachtrannach isteach innte: neamh-ghlaine. Tá béas gránda ges na fearaibh ann bheith ghá dtruailliughadh féin: glacaireacht aonair bheith dhá chleachtadh aca. Cad eile ach truailliughadh ar an sean-theampall ba do chur isteach ann: cill-mhasla: tarcuisniughadh.

trucaid: *b.2.* mála bóthair. Ag dul thar lear di bhailigh sí a maingisínidhe go léir, cé nár mhór iad, isteach ina trucaid: mála nó bosca bóthair.

trucail: (**trucaill**) *b.2. & 5.* cairt, gléas iomchair ar rothannaibh. Cuirtear an capall fén dtrucail, is líontar lón uirthi. Na trucailidhe fáilte rómhat: fáiltidhe geala is mórchuid díobh rómhat. Cómharthaidhthe go flúirseach soiléir go gcuireann do theacht áthas is sásamh orainn. "Tá rud ina cheann súd" (moladh) – "tá, gíoscán trucalach!" (cáineadh): an glór garg a dhéanfadh cairt ualaigh gan smearadh. Gaibh an trucail: cuir an t-ainmhidhe fúithi. Thug sé lán trucalach leis de bhiadh is de ghannaidhibh: an-chuid: ualach díobh.

trudaire: *f.4.* duine go mbíonn snag ina ghlór; tut-bhéalaidhe, blobarán, gutaidhe. Focal as an gcéadmhadh focal níor thuigeas ón dtrudaire, truagh Mhuire dob eadh d'iarraidh a theangan do bhreith leis: duine go mbíonn stad ina ghlór, ná féadann cainnt do chur de go nádúrdha, go mbíonn stad is duadh trí chosc éigin ar na ballaibh úrlabhra. Ní haon trudaire é nuair theastuigheann aon rud ar iasacht uaidh: bíonn sé éascaidh pras chun a lorgtha. Ní haon trudaire ar an bhfírinne é: ní cheileann sé í.

trudaireacht: *b.3.* tut-bhéalaighe(acht), blobaireacht, snag-labhartha. Níor mhaith an earra ag cainnt ar an gcraolachán é, bíonn an iomad trudaireachta aige, uaireanta budh dhóigh leat ná béarfadh sé a theanga in ao'chor leis: iomard ar na ballaibh úrlabhra.

trufais: (**truflais, truiféis**) *b.2.* aon rud gan mhaith, suarach, beag-luach, dríodar, sceanairt, drabhfhuigheall, cosamar, cithréibéach, aon rud a bheadh tuitithe i ngabhal a chéile mar fallaidhe tighe. Ní éisteóchainn lé trufais cainnte ó éinne, is breágh liom éifeacht: cainnt gan fuaimeant. Cad tá sa bhiadh gheóbhfá ann ach trufais, práitín nó dhó, blúirín feóla, sprionóg ghabaiste etc.: drabhfhuigheall. Thar éis phléasctha na hoidhche ón aer ní raibh tigh ina sheasamh sa tsráid ar maidin ach trufais i ngach treó: adhbhar na saoirseachta, troscán is rothaidhe caithte i ngabhal a chéile. An trufais a itheann sé ní thabharfainn do mhuic é: díoscar bídh, dríodar: drabhfhuigheall. Caith uait an trufais atá ar thóin na pípe, níl ann ach luaith: dríodar, brúscar: rud gan mhaith. Trufais aráin do dheineann an bácaer céadna, ní bhíonn aon fhuinne air fiú amháin: díogha aráin. Ar léighis an scéal úd? a leithéid de thrufais: droichscéal agus droch-aithris déanta air.

trúig: *b.2.* (**trúin**) trúin, adhbhar, cúis. Cad budh trúig bháis do?: cad a thosnuigh leis an mbreoidhtigh a árduigh chun siubhail é. Ní bhíonn trúig gan adhbhar: cúis gan fáth: ní thárluigheann rud gan fáth éigin: ní bhíonn deatach gan teine. Trúig éagtha dhuit an trufais dighe atá dhá ól aige: tá sí dona a dóthain chun a bháis do thabhairt do. Nár bh'í an

trúig bháis a bhí aige a mhéar do theacht tinn: adhbhar: fáth budh bhun leis. Budh iomdha trúig a bhí ina choinnibh aca ach níor mhaith leó a n-áireamh: cúis: adhbhar. An trúig bháis an osna san?: an tuar í?: an tosach í?

truip: *b.2.* buille leis an gcois, lasca, turus. Thug sé truip sa tóin do agus is maith do bhí sé tuillte aige: lasca: buille dá chois. Goirtigheadh é lé droch-thruip: buille coise go mbróig. Ní raibh neach aca dob fhearr truip ar pheil 'ná é: budh shia ó bhaile chuirfeadh í lé poc. "B'fhearr liom truip do thabhairt do": lé mí-chéadfadh. Leigeadh leis an truip seo ach maoidheadh air dá ndéineadh sé airís aonnidh gur isteach 'on phríosún ar a dhá shúil do cuirfí é: an turus so: an uair seo. Níor mhór leis dom a chapall de thruip na huaire: ar feadh an t-aon tamaill. Is annamh do bhíonn feóil ag daoinibh mara mbeadh de thruip uaire: uair má seach. Tá an buaidh aige orm de thruip na huaire seo ach ní dóigh liom go mbeidh i gcómhnaidhe: ar an am atá ann i láthair amháin. Bhéarfadh iasc ort ann de thruip uaire agus bheadh bliadhain airís ann sara mbeadh seilg agat as: uair má seach. Is iomdha truip tugtha 'on pharróiste ag an bpost le dathad bliadhain atá sé ag siubhal orainn: turus.

truipeáil: *b.3.* lascáil, bualadh leis an gcois. Is rí-mhaith atá a thruipeáil tuillte ag an bhfeille-bhligeárd san, ní fhéadann sé leigeant d'éinne ach ag tromaidheacht is ag suainseán ortha: lascáil: a bhualadh lé barra na bróige. Ní raibh sé ceart agat é do thruipeáil, tá sé in aghaidh na riaghalach: é do bhualadh leis an gcois san imirt. Nuair bhíonn cluiche peile dhá chur go dian, cealgach deirtear, "is éachtach an truipeáil í": an pheil dhá pocadh ó thalamh. Ní hag dórnáil do bhíodar ach ag truipeáil a chéile: ag gabháil ar a chéile leis na gcosaibh. Chun cinn a deintear "an truipeáil", uaidh siar, ar nós an ainmhidhe, "speachghail". Is é siúd an fear duit nár bh'fhada an mhoill air do thruipeáil do thabhairt duit: lascáil: léasadh a raghadh ina luighe ort.

truipeálaim: *b.a.* lascálaim, buailim leis an gcois. Truipeáladh an doras amach é in ionad éisteacht do thabhairt do: bhítheas ag gabháil leis na cosaibh air. An lá is fearr a bhís, a bhladhgaire, do thruipeálfainn-se an t-anam (croidhe) asat: gheóbhainn pic ort: gheóbhainn lán a shaic ort. Truipeálann gach éinne an duine bocht: gabhaid de chosaibh ann: pasálaid é. Ní hamháin go n-imreóchadh sé a raibh ar an ngort aca ach do thruipeálfadh sé iad: dhéanfadh pé rud budh mhaith leis leó.

truipeálta: *a.r.* lascálta, claoidhte, gabhtha lastuas de. Anois nó riamh tá sé truipeálta: chuir an t-iomard so an chaidhp bháis ar fad air: claoidhte: ar lár. Bhí an bhean is na leanbhaidhe truipeálta amach ar an mbán aige ar theacht don ngárda: an teicheadh curtha ortha.

trúipéir: *f.3.* saighdiúir singil i marcshluagh. An seasamh a bhí ann ag gabháil na sráide budh dhóigh leat gur thrúipéir agam é: seasamh ceart an tsaighdiúra.

trúipéireacht: *b.3.* do ghluaiseacht i ngasraidhibh; do ghabháil tímcheall lé n-a thuilleadh go díomhaoin. An chuid is mó dá shaoghal caithte ag trúipéireacht aige: ag gabháil tímcheall lé n-a shaghas féin de liaghairnidhibh díomhaoine. Is cuma dhuit, a

bhuachaill, tá do chuid aráin beirbhthe ach bheith ag trúipéireacht: ag imtheacht id stráille gan ghnó gan chúram.

truithinis: *b.2.* giobail, preabáin. Dá mbeadh an bannc lán d'airgead aige ní bheadh ar a dhrom ach na truithinisidhe ar nós an bhacaigh: éadach stolta, stracaithe. Caith a bhfuil ort chun fir na dtruithinisidhe is ná bíodh daoine ag gáiridhe fút, táir leath-nochtuighthe.

trúp: *f.1.* gasra shaighdiúiridhe, scata daoine, sluagh. Tá an trúp tar tuinn ag taisteal go líonmhar, buidheanmhar, neartmhar: arm. Bíonn túirling lucht siubhail 'na ndúntaibh is macradh trúip agus úghdair go fiúntach dá nglacadh i gcion: sluaighte lucht na cuairde. "A bán-chrobh bheartas sluaighte i dtreas-ruatharaibh coimheascair/ éisc is trúip is duille coille ar néamh-bhrataibh sróill": saighdiúiridhe i ngleó. Ghluais an tighearna talmhan is a thrúpaidhe chun na mbochtán do chaitheamh as seilbh: saighdiúiridhe.

trúpach: *a.* líonmhar, buidheanmhar, sluaghmhar. Seo chughaibh é go trúpach ag trácht ar Éirinn: go líon mór saighdiúiridhe. Ghluaiseadar chun na bainise go trúpach trúmpach: cuid mhór díobh agus gleódh an domhain uile aca. Fillfidh sé fós ar Éirinn go trúpach: mórchuid saighdiúiridhe ina fhochair.

trup-fholt: *f.1.* gruaig mhuirearach. Bearraidh é, tá trup-fholt ort mar bheadh ar mhnaoi: gruaig throm, mhuirearach.

trusáil: *b.3.* fáscadh, do cheangal go fáiscithe, d'árdach is do dhéanamh gasta. An t-ualach féir do thrusáil: an méid a bheadh ar sileadh leis do stathadh is cuma ghiobtha, chríochnamhail do thabhairt air. Níor bh'fhada a bhí sé ag trusáil a ghéag chugham: ag árdach a mhuilchirtidhe is ag cur clóidh cómhraic air féin. Chrom sé chun bun a thriubhais do thrusáil: d'árdach ón láthaigh. Na garsúin ag trusáil a dtriubhas go glúinibh ó uisce na habhann ag marbhadh bhreac: gá n-árdach anáirde go dtí san is ghá ngreamughadh.

trusálaim: *b.a.* árduighim is fáiscim, déinim triopallach. Trusáil bunaidheacha do thriubhais, tá sé ag dul féd shálaibh: árduigh anáirde go feistighthe é. Trusáil na héadaighe ar an daradha, táid ar sileadh go haindeis: cuir ar crochadh go críochnamhail iad. Má cuirtear a thuilleadh ualaigh chun deiridh sa bhád, trusálfaidh sé chun tosaigh í: árdóchaidh san aer a tosach. Trusáil an t-ualach ort féin, seadh is fearr iomcharóchair é: árduigh go néata, críochnamhail, triopallach: comhthromuigh é. Trusáil thu féin ina chóir: fáisc do bhalcaisidhe éadaigh ort.

trusálta: *a.r.* fáiscighthe, cuibhrighthe. Fuaireadh marbh ar thaobh an bhóthair é trusálta: a ghéaga is a chosa cuibhrighthe. Nách é an gaige é, is maith trusálta atá an hata ar a chúl: socruighthe go nósmhar. A gúna trusálta ina glaic aice, ag dul treasna na habhann: árduighthe is greim fáiscithe aice air. Coca ró-thrusálta seadh é, ní iomcharóchaidh sé puinn gaoithe: ró-chaol dá leithead.

truslóg: *b.2.* léim ar leath-chois, céim. I léim fhada seo mar bhíonn – rothag, cosabacóid .i. léimeadh ar an marc leathchos craptha siar, teacht anuas ar an gcois eile, truslóg

annsan .i. teacht anuas ar an gcois a bhí craptha, annsan léimeadh di sin agus teacht ar an dá sháil. Cad dob áil leat ag cainnt mar sin go bhfuil an abha leathan, raghadh cearc ar leathchois de thruslóig treasna: d'aon chéim amháin gan í féin d'fhliuchadh. Tá cead reatha is truslóige annso agat: ní misde dhuit aon rud is mian leat do dhéanamh. Ní raghadh sé truslóg lé n-a bhacaighe: oiread agus céim. Féach rian a chos, nách fada na truslóga thógann sé: céimeanna: an fhaid idir dhá rian cos i siubhalóid. Is iomdha truslóg ó Chorcaigh go Gaillimh: turus fada dá mbeadh ar dhuine é do shiubhal. Ní chorróchainn truslóg chuige: a luighead san spéise ná raghainn ina ghoire chun a mhaitheasa ná chun mo thairbhe féin lé mí-mheas air. Ní raghadh sé truslóg im shochraid, is eól dom san: ní chorróchadh chun mo thionnlacan 'on uaigh. Is é an té is sia cos is sia truslóg: céim. Cad fáth ná go mbeadh aithne agam air? ná fuil sé tómhaiste ina thruslógaibh agam: céim ar chéim, go mion is go cruinn.

trust: *f.* iontaoibh, muinghin. Ní bhíonn oidhche fóghmhair iontrusta: is deacair muinghin do chur aiste ná go n-athróchadh sí.

trustaim: *b.a.* raghainn ar iontaoibh, cuirim muinghin i. Ní thrustfainn luach na leathphingne leis, budh bheag aige cliseadh ar dhuine: ní bheadh an méid sin muinghine agam as. Tá an oiread san measa ag an nduine sin orm-sa go dtrustfainn m'anam leis: go gcuirfinn ar a chur é ar chuma gur bh'fhéidir leis a rogha rud do dhéanamh.

truth: *f.3.* ainmhidhe, arrachtach, torathar. Chuir an truth a cheann aníos as an loch; dhearbhóchadh an dream a chonnaic é go raibh muing fhada air mar bheadh ar chapall agus go raibh ag búithrigh mar bheadh tarbh: ainmhidhe mór, mío-chúmtha, úrghránda. Ins an doircheacht nuair chonnac chugham an truth, is an fothrom gránda a bhí dhá dhéanamh aige, bhíos d'iarraidh a thabhairt chun cruinnis ar mo dhícheall cad é an saghas a bhí ann: rud éigin beó míochúmtha ná féadfainn d'aithneamhaint.

tú: *f-a. p.* (**thú, tu, thu**) an dara pearsa, duine, éinne. "Is maith é tu" (searbhas), lé duine a bheadh d'iarraidh bob do bhualadh ar neach, nó go mbeadh rud déanta aige ná beadh cóir ná meastamhail. Tusa; dhéanfá-sa aon rud a dhein éinne riamh. Bhí sé árd-lághach liom, ní raibh ina bhéal ach "tú" agus "mé": ná raibh ár leithéididhe le fagháil. Bhuailfeadh sé thú chómh tapaidh agus d'fhéachfadh sé ort: éinne: duine ar bith. Maran mise is tusa go mbeidh a bhéal dírighthe air: duine éigin i gcómhnaidhe: ní théigheann lag ar a theangain ach gabháil de dhuine éigin. "In am an bhídh do rugadh thu": deirtear lé duine a thagas i láthair agus an biadh ar siubhal. Ní tusa an saoghal mór: tá daoine nách deallramhtach leat (agus is maith san). Tusa atá ann! lé hiongadh ar fheicsint duine ná bíonn coinne leis. Tusa is ar bhain leat ní bheadh meas madra oraibh: do threabhachas go léir. Tusa bheidh mícheart i gcómhnaidhe ar a bhéal súd: éinne ach é féin. Tusa b'fhearr liom-sa: gheóbhainn leat-sa mar rogha i gcómhnaidhe. An té a bhuailfeadh thusa bhuailfeadh sé mise: d'fhoillsiughadh mo cheana ort. Léigh thu féin an leitir, cad fáth go léighfinn-se í? An té a mholfadh thu é do mholadh. Thu do mharbhadh atá tuillte agat. Tú do leathadh leis an bhfuacht atá uait amuigh fén sín: is é rud is deallramhtaighe é. "Mise me féin, is cé hé thusa?": i bhfreagra. Cé (hé) thu?: cad é nó céaca duine? Ní fheadar cé (hé) thu ná an t-aer os do chionn: táim dall ort maidir lé t'ainm, do ghairm, t'ealadha nó eile.

tuagh: *b.2.* úirlis chun gearrtha is scolta adhmaid, ceann trom uirthi, faobhar ar thaobh di agus cos fhada aiste chun na húirlise do bheartughadh. B'fhearr liom buille 'e thuaigh (me do bhualadh lé tuaigh) 'ná rud suarach a dhéanamh, mar tá déanta agat-sa: d'fhuilngeóchainn aon rud níos túisce 'ná dhéanfainn é. B'fhearr liom buille de thuaigh i mbaic an mhuiníl orm ná bheith ag bruic leat: ní fhoidhneóchainn leat ar aon toisc. Na hIndiathaigh ag gluaiseacht, ag béicigh is a dtuaighte cogaidh dhá bheartughadh aca: cinn speisialta chun ceann do theascadh. Ná bíodh eagla ná mairg air, ní bheidh sé ar an bhforaoil faid bheir-se mar thuagh gualann aige: fear cosanta is cóngaimh. I dtúis an tsaoghail fir thuaighte a bhaineadh na crainn, anois deintear lé tuireascaibh é. Chuiris do chárta díreach, a chara, fé bhéal na tuaighe: isteach lé himirtheóir go bhfuil cárta aige a bhuailfidh é. Ag dul fé bhéal na tuaighe dhuit a leithéid sin do dhéanamh: ghod chur féin in ionad ná tiocfair slán as. Cos (samhthach), faobhar, cúl, béal na tuaighe. Bainfead-sa mannta as do thuaigh (an faobhar det thuaigh): cuid den bhfuadar atá fút. Ní fhéadfadh sé leigeant duit gan breith ar an gcéachda é féin go gcuirfeadh in iúil gur fearr d'oireamhan é, níl ann ach ag baint na tuaighe as láimh an tsaoir: ag baint na húirlise den gceárdaidhe, den té is fearr eólas a háise. Is measa scríob sa lorgain ná buille den tuaigh sa cheathramhain: dá leóchailighe an ceann is leóchailighe fós an cnámh lorgan. Buail buille 'en tuaigh uirthi is cuir 'on tsoitheach í: mairbh is ith í in ionad í do dhíol. Tá buille 'on tuaigh buailte i gceart anois air: iomard uathbhásach éigin tuitithe air ná tiocfaidh uaidh. "Agus do thug sé amach na daoine do bhí san gcathraigh sin agus do chuir sé iad fá thuireascaibh, agus fá bhrácaibh iarainn, agus fá thuagaibh iarainn etc." (2. Sam. XII. 31). "Budh chlúiteach é an té noch do thógadh a thuagh go hárd ar thiugh na coille" (Sailm LXXIV. 5). An aimsir bhriste atá ar an dtuagh ceatha sin?: bogha sín.

tuagh-ród: *f.1.* seach-ród, bóithrín. Idir bhóthar rianta is thuagh-ród, tá bealaigh na dúthaighe taistealuighthe aige: róid ar leath-thaoibh.

tuagh-bhóthar: *f.1.* bóthar ar leathtaoibh, ná beadh puinn áise dhá bhaint as, nó puinn geilis air. Tóg na tuagh-bhóithre ort féin, is ann is lugha bheidh cao ar tú do thabhairt fé ndeara: bóithre iargcúlta.

thuaidh: *d-bh.* ceann de cheithre phríomh-áirdibh an chompáis, an áird a bhíos ar chlé dhuine ag féachaint i dtreó éirighthe na gréine; san treo san, ar an dtaobh san etc. Mar fhocal meisnigh deirtear "ó thuaidh!" nuair chidhtear aon rud ar siubhal go mbíonn fuinneamh leis nó fuadar nó rud ar bith a chuirfeadh sásamh. Chuaidh sé thuaidh uirthi: chumaisc sé í. Tháinig sé aniar dtuaidh orm: fuair sé brabúch orm agus bhain tairbhe as [seo rádh ameasc lucht foghluma na Gaedhealainge atá coitcheann anois agus nár chóir do chothughadh. Nath shalach seadh í. Samhluigheann sí peaca Sodom dom. Is í an t-aon chainnt scríobhtha go dtí so agam í go mbeadh col ag cluais na sean-Ghaedhilgeóiridhe léi. Ní maith liom í]. Thuaidh ná theas ní raibh barraidhe maithe ambliadhna: in aon bhall. Namhda thuaidh is theas orm: ar gach taobh. Aghaidh gach coiréil ó dheas, aghaidh gach tobair ó thuaidh: an tobar ná bíonn luighe na gréine air is é is fuaire agus is fearr. Tá Inis Tuile ó thuaidh ó Éirinn: san treó san. Dá mbeifeá ar an dtaobh thuaidh de chnoc an geimhreadh seo bheadh a fhios agat cad is fuacht ann: an taobh ar chúl na gréine. Gaoth a dtuaidh bíonn sí fuar is cuireann sí fuacht ar dhaoinibh: a bhíos ag séideadh ón áird sin. "Rámhaidh, neartuigh, cúl an lámh thuaidh", sin mar deirtear i rámhaidheacht in ionad

“an lámh dheas, chlé”, do rádh dréir na láimhe a bheadh leis an áird thuaidh. An réilthín thuaidh: an réilthín cómhnaidhtheach san áird sin go dtéightear dá réir chun ionad is treó d’fhagháil. Ghaibh sé an bóthar ó thuaidh: an bóthar a ghaibheas san treó san. Ghaibh long mhór chogaidh lastuaidh soir: ar an dtaobh san d’fharraige. Gála aniar dtuaidh is scóladh taoide aithbhe: ón bpoinnte idir thiar agus thuaidh. An bóthar ó thuaidh ’san bóthar adtuaidh san bóthar ó thuaidh chun Tráighlí: chuige ón áird theas, etc. “Do chruthuigh tu budh thuaidh is budh dheas, etc.” (Sailm LXXXIX. 12). “Éirigh suas go mullach an chnuic, agus tóg suas do shúile leath thiar agus leath thuaidh, leath thoir agus leath theas agus féach é léd shúilibh; óir ní racha thu thar an Iórdan so anonn” (Deut. III. 27). Budh cheart gurbh é dualgas gach Éireannaigh an taobh thuaidh do bhreith isteach san gcuid eile d’Éirinn: an tuaisceart is muinntir an Tuaiscirt bheith fén riaghaltas chéadna leis an gcuid eile. Daoine an taoibh thuaidh de chnoc: a chómhnuigheas san mball san go bhfuil a aghaidh ó thuaidh.

tuaiplis: *b.2.* dearmhad, earraid, botún, coighleáil, fútaráil, tuathalacht. Níor mhaith liom é do bheith mar pháirtidhe agam, deineann sé an iomad tuaiplisidhe, fiú amháin an uair go mbeadh na cártaidhe is fearr aige: chaithfeadh sé an ceann budh cheart do do choimeád nó choimeádfadh an ceann budh cheart do d’imirt. Ná déin aon tuaiplis ag cómhaireamh an airgid sin, bí deimhnightheach ded ghnóth: aon dearmhad trí fhaillighe. Ní chuirfeá mo lámh suas i dtaobh tuaiplise mar imirt thar láimh?: botún: imirt lé neamhthapaidhean. An tuaiplis nó calaois sé cinn de chártaidhibh do chur chughat féin?: botún nár thugais fé ndeara nó éagcóir do dheinis léd thoil? Pé dearmhad a raghaidh air ní dhéanfaidh sé a thuaiplis féin: ní dhéanfaidh faic ar míleas do. Má tá leanbh gréine féin aice ní hí an chéad duine riamh í gur imthigh tuaiplis uirthi: go dtárluigh rud di gan aon leigheas aice air trí neamh-aire. Tá an scéal so lán de thuaiplisidhibh caithfir é d’aithscríobh is bheith níos cúramaighe ina thaobh: tuislidhe.

tuaipleáil: *b.3.* abláil, coigleáil, fútráil. Ná bíodh aon tuaipleáil ort leis na cártaidhibh sin, deighil amach ina gceart iad: útamáil: fútráil: láimhseáil go mbeadh fonn éagcóra ag baint léi nó ná beadh an bheart dhá dhéanamh dréir na riaghalach. Cad í an tuaipleáil atá ort leis na leabharthaibh sin go bhfuil a leath curtha amudha agat?: láimhseáil neamh-aireach nó d’ao’ghnóth chun achrainn do dhéanamh. Ní fheadar-sa cad bhí ar siubhal aige leis an airgead, ach bhí tuaipleáil éigin gur chaill sé cuid mhaith dhe: láimhseáil mar bheadh ghá chómhaireamh. Ní raibh aon ghnóth riamh ar lámhaibh aige ná go ndéanfadh sé tuaipleáil air: abláil: saghas éigin teangmhála go ndéanfadh sé díth nó botún. Cuir uait an tuaipleáil ach dein é má tá a fhonn ort nó éirigh as: útamáil: teangmháil gan chrích, ag méiseáil lé rud. Beir ag tuaipleáil leis an ngluaisteán san go gcuirfir as órdughadh é: teangmháil gan deallramh. Pé rud a bheadh dhá dhéanamh nó dhá rádh aige ní fhéadfá muinghin do chur as gan é do dhéanamh tuaipleála air: útamáil. Féach cad tá déanta agat léd chuid tuaipleála, scéidhte agat ar an t-aon rud gur theastuigh uaim go gcoimeádfá rún air: botún déanta agat go tuathalach.

tuaipleálaidhe: *f.4.* útamálaidhe, ablálaidhe. Is é an tuaipleálaidhe i mbád é is measa dá dtáinig treasna riamh orm, ní mór go bhfeadar sé connus suidhe innte: duine ná féadann ionnramháil cheart do dhéanamh ar aon rud dá gcuireann roimis. Níor scúigh an tuaipleálaidhe sin cártaidhe riamh ina gceart, caithtear a dhéanamh do bhaint de: duine a

ghníos botúin trí útamáil nó gan cur chun a gnótha i gceart. Ní raibh innte riamh lé snáthaid ach tuaipleálaidhe bean ná féadfadh feidhm mar is ceart do bhaint aiste. A thuaipleálaidhe amadáin, cuir uait é sin, mar ná feadraís cad is ceart duit do dhéanamh leis: duine aindeis, neamh-eólgaiseach: fútarálaidhe. Bíonn an tuaipleálaidhe d'iarraidh scéalta do scríobh, agus is olc a éirigheann leis: aindeiseóir. Briseadh as an arm é, tuaipleálaidhe cinn urraidh a bhí ann: ceann sluaigh a dhéineadh a bhotún. Tabhair aire dhuit féin, a thuaipleálaidhe, is ná tuiteadh na háraistidhe uait nó beidh ciolaracha agat: duine a bhíos ró-chlaon lé tuisle do bhaint as nó le neamhchruinneas. Ní ceart aon airgead do chur ar a iontaoibh, d'imtheóchadh sé soir siar uaidh channtálfadh sé é nó rud éigin. Tuaipleálaidhe atá ann: duine ná tugann an aire is cóir do rud nó a oirfeadh do.

tuaipliseamhail: *a.* útamálach, ablálach, fútrálach, aindeis, dearmhadach, botúnach. Ná cuir an rud tuaipliseamhail sin ag déanamh cártaidhe, ní scúghfaidh sé i gceart iad: duine atá claon lé dearmhad do dhéanamh. Is maith an dréacht atá tairngthe aige ort, is tú id chrutaon é. Dhein sé a ghnóth go neamhthuaipliseamhail: go fírinneach: gan líne ná airidhe do chailleamhaint. Sé an fáth nár éirigh leo go ndeárnadar a ngnóth go tuaipliseamhail, bhí an chóir is an chaoth aca dá gcuiridís crích ortha: fútrálach: botúnach: dul i gcóir a dhéanta go haindeis. Ní fhéadfainn foidhneamh leó, a thuaipliseamhla is bhíodar ag cur chun an dorais dhaingin do bhriseadh: a aindeisighe. Éirighimís aiste, imirt thuaipliseamhail seadh í ag na droich-imirtheóiridhibh seo ná faghadh éinne aon tsásamh innte: imirt go bhfuil botúin, dearmhaid, is neamhchruinneas innte.

tuairgín: *f.4.* úirlis adhmaid go gceann cruinn chun brúighte nó palcuighthe; duine íseal talamhaidhe. Bhí cos na píope ar bogadh, anois tá sí cómh daingean leis an gcois sa tuairgín: an-dhaingean, an-fháiscithe [d'aon bhloc an chos is an ceann]. Bheadh acfuinn is fulang ann, tuairgín fir atá ann: talamhaidhe, daingean, déanta fuinnte. Mara chéile dhuit bheith d'iarraidh é sin ghod chlos nó bheith ag cuimilt do mhéire de chloich, tá sé chómh bodhar lé tuairgín: bodhar ar fad, ar fad. An té a bhíos chómh bodhar lé tuairgín bíonn cluas na heasóige air: cloiseann sé a mbíonn ar siubhal. Is í an tuairgín mná í nách mór an mhoill aice speal oibre do déanamh: tailc, fuinnte, fuilngtheach. Ní goirteófá é ar é do bhualadh lé tuairgín: tá fulang an domhain ann. Tuairgínidhe breághtha leanbh, bail ó Dhia ortha, atá aca: balcairidhe cruaidhe sláinteamhla. Tuairgín maith muice atá oireamhnach don sciain: leath-mhuc mhaith go mbeadh feóil chruaidh uirthi. Tuairgín lín: pasúr chun an lín do thuargaint is do bhrughadh. Phós sé tuairgín de mhnaoi ná luighfidh fuacht ná teas uirthe: balcaire.

tuairgneach: *a.* buailteach, leadrach, brúighteach, fadhbálach, suaidhteach. An fharraige thuairgneach a bhuaileas sa ngeimhreadh aniar dtuaidh ar an gceann chloisfeá an bhéic a bhaineann sí as na mílte ó bhaile: leadrach: go mbíonn fuinneamh is dóighteacht ag baint lé gach pléasc do bhuaileann sí air. Chritheadh an bórd fé gach buille tuairgneach dá dhorn do thugadh sé dho: cruaidh, fuinneamhail, suaidhteach. Ní raibh curadh aca a sheasóchadh buillidhe tuairgneacha Oscair: béimeanna tailce go gcloisfí mac alla uatha. Na hionsaidhthe tuairgneacha atá tugtha ar Chathair Stailín is iongtach má tá falla léi ina sheasamh: fíochmhara: árd-neart is fuinneamh leó. Ní raibh fulang aige ar an imirt, bhí sí ró-thuairgneach do, níor thúisce ar a bhonnaibh é ná treascartha, d'éirigh sé aiste:

suaidhte: dian-choimheascarach. An glór fothromach, neamh-chaoin a dhein an ghaoth thuairgneach tríd an gcoill chuirfeadh sé diamhaireacht ort: a shuathadh na crainn ó n-a bpréachaibh lé n-a neart. Ná bíodh aon eagla ort go bhfuil a chroidhe tuairgneach in ao'chor i dtaobh a rinne sé d'éagcóir ort, níl tá sé ró-chalcuighthe: go ngoilleann a ghníomh air. A leithéididhe de chathaibh tuairgneacha is atá dhá chur sa chogadh so níor thárlaidh ó thúis an tsaoghail gus indiu: coimheascar fíochmhar gan truagh gan taise. Dá thuairgnighe iad a bhuillidhe ní bhrisfidís an bhóirneach ghlas úd: dá acfuinnighe chun briste is brúighte. Is iomdha milleadh a thárlaidh ach b'é cailleamhaint a shúl budh thuairgnighe: is mó a croith é.

tuairgneach: *b.2.* bualadh, bloisbhéim, suathadh, torann. Lé gach tréan-bhuille dá dtugadh sé leis an órd bhaineadh sé tuairgneach as an gcloich: béic. Thairing sé buille tuairgneach sa cheann air: buille a dhein fuaim. Tuairgneach na luinge dhá briseadh ar an gcarraig: glór béiceach. I muileann na cruaidhe, mar a rabhas ag oibriughadh, bhainfeadh tuairgneach na n-órd t'éisteacht díot: an glór trom ar nós tóirnighe.

tuairm: (**tuairim**) *b.2.* smaoineamh cinnte go mbíonn rud áirighthe fíor nó go dtárlóchadh do bheith lé himtheacht aimsire, teadh; breitheamhnas bhíos ins an tor is giorra don dearbhacht; fíor-eólas nó lán-deimhnightheacht; meas. Cad é do thuairm ar an aimsir?: an fháistinne do dhéanfá uirthi dréir do thuigseana, mar atá cómharaidhthe do thabhairt fé ndeara. Cad é do thuairm ar an gcogadh?: cad a tuigtear duit ina thaobh – cé bhuaidhfidh, cathain bheidh deireadh leis, cad é an rian a fhágfaidh sé ar an saoghal ina dhiaidh, etc. An bhfuil aon tuairm go dtiocfaidh sé? cad é an mhaitheas bheith ag feitheamh mara bhfuil?: aon tuar neamh-chinnte in aigne éinne. An bhfuil aon tuairm go gcuirfidh sé an oidhche dhe?: an samhluightear do dhuine ar bith sin? B'é do dhein an ghadaidheacht agus ní raibh aon tuairm riamh do: níor caitheadh aon amhras air. Níl aon tuairm don gcapall san?: ní tuigtear d'éinne go mbuaidhfidh sé. Caitheadh tuairm air gurb é athair an leinbh é: amhras: mothúilt neamh-dhearbhtha rud do bheith i dtreis. Gach éinne is a thuairm féin aige choidhche: beidh a mhalairt de shamhlughadh ag daoinibh. Tá tuairm láidir agam cé ghoid mo sparán uaim: amhras atá in an-ghiorracht do bheith deimhnightheach. Is é mo thuairm gur feille-bhitheamhnach é as a bhfuil tugtha fé ndeara agam ina thaobh: mo bharamhal dréir mo thuigseana is mo bhreitheamhantais. Tá an-thuairm ag an ndochtúir do: muinghin go dtiocfaidh chuige féin (dá olcas é). "Cad é an méid airgid atá agat?" – "tabhair do thuairm": meas é agus abair an méid is dóigh leat atá agam. Fear mór tuairmidhe é siúd, fiafruigh de i dtaobh an chogaidh: fear baramhail: go mbíonn a bhreitheamhantas féin neamhspleádhach aige ar gach aonnidh. Níor mhaith leis pósadh gan an scéal do chur fé thuairm a mháthar: é do chur fé n-a brághad d'fhéachaint cad é an meas a bheadh aice air. Cé chuirfeadh fé n-a thuairm, fear beag mar é, go mbeadh an oiread san nirt ann?: cé chuirfeadh ina leith é?: cé shamhlóchadh do é?: cé cheapfadh do é? Cad é an tuairm atá agat dom? an dóigh leat go n-éireóchaidh liom?: cad é do mheas orm dréir do bhreitheamhantais? Cuirimís féd thuairm é seo, agus beam sásta léd bhreitheamhantas: an rud a tuigtear duit dréir t'eólais is do thuigseana do bheith ceart. An bhfuil aon tuairm agat cá bhfuil t'athair, teastuigheann sé uaim go cruaidh?: an samhlófaí dhuit é do bheith in aon áit áirighthe seachas a chéile. "Sé déarfainn-se ná raibh aon mhádh ina láimh" – "níl annsan ach buille fá thuairm": dul i dtreis an amhrais. Tá tuairm mhaith agam asat agus déanfad tacaidheacht lém thuairm, cuirfead mo chuid

airgid i ngeall ort: dóchas is muinghin go n-éireóchaidh leat: is é mo mheas ort go bhfuil mianach maith ionat. Tiocfaidh sé, fá thuairm a dó a chlog: tímcheall na haimsire. Tuairm a cúig a chlog do bhí sé, b'fhéidir chúig nóimintidhe roimis nó ina dhiaidh: tímcheall air: sa chómharsanacht san. Bhuail an piléar tuairm an chroidhe é, nár mhór an t-ádh a bhí air gur thug sé na cosa leis: in athchomair do. Seo, ólfad an taoscán so fá thuairm do shláinte: lé deagh-aigne go mbeidh sláinte mhaith agat. Níl céad púnt aige, ach tá tuairm air: tá sé buailte leis. Tuairm na bliadhna san do fuair sé bás: níor bh'fhada roimpe nó ina diaidh. Fuairtheas an corp mar a raibh tuairm é do bheith: amhras caithte air. Mo thuairm-se gur bleaigeárd breágh, slachtmhar é: sin é atá ceapaithe agam ina thaobh de thoradh a thabhartha fé ndeara. An bhfuil aon tuairm agat cá bhfuilir ag gabháil?: an bhfuil a fhios agat ná go bhfuilir ag dul amudha. Níl aon tuairm ins an aimsir aige: ní maith an breitheamh uirthi é. Níl aon tuairm as an aimsir aige: is é a mheas uirthi go mbeidh sí go haindeis. Dem aindeóin táim ar aon tuairm leat, cé gur deacair liom géilleadh go ndéanfadh sé an rud atá curtha ina leith: tuigtear dom mar tuigtear duit. Thugas buille fá thuairm agus ghluaiseas liom féach a rabhais annso agus bhís: tástáil do bhaint as ar amhras cé ná beadh fáth ar bith agat lé súil an duine do bheith rómhat ann. Níor bh'ionann tuairm don gcoisde is mar sin scaoileadh saor an príosúnach: ní rabhadar go léir ar aon aigne i dtaobh a chionntachta. Is ait na tuairmidhe atá ina cheann, ní cheapann sé go bhfuil aon tsaoghal eile ann: smaointe go bhfuil sé suidhte ina dtaobh. An amhlaidh go bhfuil tuairm agat go raghair ar neamh?: saghas amhrais. Tá sí in aois tuairmidhe ban do bheith ag teacht di anois: bheith aosta a dóthain go mbeadh smaointe aice mar is gnáth do mhnáibh ar mbeith ina lán-aois. Cúrsa chómh crosta san seadh é nách aon mhaith bheith ag caitheamh tuairmidhe leis: ag tabhairt iarrachtaidhe amhrais fé. Táim tuairm is trí clocha déag meádhachtana: tímcheall air. Tuairm na háite ina bhfuilir id sheasamh anois seadh chailleas mo sparán: ann nó in an-ghiorracht do. Dom thuairm-se is é an té is fearr aca atá curtha i leath-taoibh agaibh: dréir mar tuigtear dom thar éis breithnighthe dhom féin air. Ná cuir aon tsuim san méid a deir sé, tá sé dall ar an gcúrsa, níl sé ach ar nós na coda eile againn ag dul ar thuairm: ag tabhairt a bhreithe dréir amhrais: níl aige ach a bharamhal. Thug sé tuairm go mbeadh an oidhche oireamhnach chun gadaidheachta, agus mar sin do thriall roimis: dréir gach cómhartha dob eól do, tháinig sé ar an intinn sin. Dá mb'eól duit cad é tuairm na ndaoine ort, ní bheadh an oiread láin fút agus tá: meas: an baramhal atá aca ar do chlú, t'fheabhas nó olcas, etc. Níl ach tuairm leinbh san méid atá ráidhte agat: tuairm gan puinn bunadhais. Beidh tuairm lé céad púnt ag dul chuige, b'fhéidir breis: isteach 'samach lé. Níor bh'é tuairm na coda budh mhuinghínighe againn go bhféadfaimís coimeád as an gcogadh chómh fada agus tá déanta againn: baramhal: ní hé tuigtí dóibh dréir mar bhí rudaidhe. Thugas tuairm don bhfreagra ceart ar an dtoirt: shroicheas an réidhteach ceart go hádhmharach. Mara bhfuil eólas agat ar bhrigh an fhocail abair é is ná tabhair aon tuairm: ná scaoil fén réidhteach ar amhras is gan aon bharamhal cheart agat. Mo thuairm go mbeidh an traen imthighthe orainn: is air is láidre me. "Tair-se liom-sa annsan lé fonn cheart/ is d'éis cheangail dlúth na cléire/ is é mo thuairm go bhfaghair an uair sin/ do bhearta cruaidhe do réidhteach": mar mheasaim beidh an scéal mar sin. Is ait na tuairmidhe creidimh atá ag treabhaibh áirighthe: creidsínidhe ná taidhbhsigheann aon bhunadha leó dúinne. Nílim ar aon tuairm poilitidheachta lé héinne adeir nách féidir linn maireachtaint gan Sasana: slighe tuigseana. Cúrsa tuairme seadh céaca ar bhfearr don bhFrainnc nó nár bh'fhearr taobhughadh leis an nGearmáin nó a mhalairt: cúrsa gur féidir breis is aon bharamhal

amháin do bheith air. Dá mbeadh meisneach do thuairme agat do labharfá: chuirfeá in iúil an rud do chreidir agus chuirfeá in iúil é. Cad bheadh uait air? rinne sé dréir a thuairme: mar tuigeadh do bheith ceart agus mar budh chóir do do dhéanamh. Más dóigh leat go bhfuilir it fhear chómh maith liom tá an diabhal féin de thuairm agat asat féin: bheith mórdhálach, tóirtéiseach. A ghrádh sa uanach sa bháb an tsuaimhnis/ ná tuig fá thuairm an scéil sin/ gur fear do ghluais me ó mhám an chruadhtain/ im straoile fuar ná im straere, etc.": dréir tátaill an scéil: dréir mar thaidhbhseóchadh do dhuine as. Tuairm shuarach atá ges na daoinibh air, is níl a mhalairt tuillte aige: meas an-bheag. B'fhéidir go dtiocfainn ar réidhteach éigin dá mbeadh na fínithe ar aon tuairm: ar aon aigne. A thruagh é gur as tuairm ataoi ag cainnt ná fuil aon deimhniughadh agat ar gur b'é a bhí ann gan amhras mar chríochnóchadh san an scéal: amhras. Thugas mo thuairm go láidir go macánta: labhras an rud a bhí ar aigne agam gan chlaon. Bhíodh tuairm an airgid riamh air: tuigtí do dhaoinibh é do bheith aige: cuirtí ina leith é. Tóg-sa é, ní cuirfí fé thuairim go deó é: ní shamhlóchadh neach gníomh mar é leat-sa. Tá do thuairm dulta id choinnibh, cheapais go rabhais ameasc namhad ach cáirde iad: an rud a tuigeadh duit níl i gceist. Déarfainn go bhfuil tuairmidhe an ghaige fé: an meas agus an tóirtéis is gnáth lé n-a leithéid. Tuairm lé heólas agus tionnscnamh le héirim, táid san aige: nuair thugann a bharamhal is lé fuaimeant é, agus é lán de mheisneach in aon rud a chuireas roimis. Dá mbeadh aon tuairm céille ag neach orm ní thabharfaí cluas bhodhar dom nuair fhógras go rabhthas ar bhruach na hanachan: dá mbeadh sé de mheas ag daoinibh orm fuaimeant do bheith liom. Chuadhas ar mo thuairm: dheineas dréir mar buaileadh im aigne gur mar sin do thárlóchadh. Oireann spallaidhe d'fhallaidhibh chómh maith lé clochaibh móra, agus oireann ciall do ghaigidhibh cómh maith le tuairm: dá mhéid é ár meas orainn féin in ár dtaobh féin budh chóir dúinn machtnamh go bhféadfadh malairt measa do bheith ag cách orainn. Ná fiafruigh faic den amallóig sin, níl tuairm ina cheann: teadh, smaoineamh. Ólaim do shláinte a mhinic a thig, fé thuairm sláinte a mhinic nách dtig: ólaim is me go mothálach, deagh-aigeanta, deagh-ghuidheach ina taobh agat. I dtuairm go bhfeabhasóchadh an saoghal orm, thógas nidhthe ar cáirde: súil go raibh dóchas léi. "An dtiocfair nó ná tiocfair?" – "táim idir thuairmidhibh": toradh mo ghnímh ag déanamh mearbhaill dom maidir lem leas nó aimhleas. Níor chuiris amach den iarracht san leis é, ach is í tuairm is fearr do thugais fós í, tástáil airís: chuadhais níos giorra don réidhteach 'ná riamh. Bíodh a thuairm féin aige, ní bhainfidh san stéig dem thóin-se: tuigeadh sé mar is toil leis. Fillfead i dtuairm na Bealtaine: tamaillín roimpe nó ina diaidh. I dtuairm a lán daoine b'é an té gur chóra dho bheith láithreach: sin mar tuigeadh dóibh. Bheadh sé tuairm barra taoide, déarfainn, nuair d'fhliuch an lá: buailte le. Congaibh do chuid tuairmidhe agat féin 'san bpruchlais áite seo, ní haon aingil a chómhnuigheas ann: pé baramhal atá agat ar na nidhthibh a chidhir múch (loc) iad.

tuairgneadh: *f.* (*-gnithe*) bualadh, suathadh, smísteáil. Geallaim duit go bhfuil mo chion de thuairgneadh an tsaoghail fachta agam má tá ag aon fhear bán, is minicighe síos 'ná suas dom: suathadh, brughadh. Truagh dhealbh fir bhreághtha, óga bheith ag tuairgneadh a chéile ar pháirc an chatha mar táid: ag leadráil 'sag déanamh áir ar a chéile. Ar feadh na hoidhche fhada dhiamhaire gheimhridh ní dheaghaidh aon lag ar an stoirm ag tuairgneadh an bháid bhig, dhearóil ar fuaid na dtonn: ghá caitheamh is ghá suathadh. Díoghaltas Dé ag tuairgneadh urchóide an duine: ghá brughadh is ghá réabadh: ag baint cúitimh de.

tuairgneáil: *b.3.* bualadh, smísteáil, léasadh, leadráil, corradghail dhuaibhseamhail. Cé go rabhadar ag gabháil air ar a ndícheall agus ghá thuairgneáil ó cheann ceann an tseómra gur dhóigh leat go ndéanfaidís pairseach dá cheann, oiread agus aon uair amháin níor threascaradar é: ghá shuathadh is ghá theilgean lé buillidhibh. Fuil go cluasaibh ar an dá mhadra is a gcosa ar sileadh leó ó bheith ag tuairgneáil a chéile sa lathaigh: ag stoladh is ag stracadh. Rugadh sí ar dhá chluais ar an leanbh agus bhíodh ag tuairgneáil a chinn i gcoinnibh an úrláir budh dhóigh leat gur teornap aice é: ghá stialladh. I rith an lae níor fhág sé an seómra ná níor leig neach ina ghoire agus chaith an oidhche sin ag tuairgneáil ar an leabaidh: ag corruighe go suaidhte, neamhshocair. An tuairgneáil a bhí ag an ngaoith dhá bhaint as an ndoras bhain sé codladh na hoidhche díom: an crothadh, an suathadh agus an glór. Riamh níor tháinig sé chuige féin thar éis na tuairgneála úd gur chaith sé seal san ósbuidéal léi: smísteáil: bualadh is gortughadh. Déarfadh éinne a chidhfeadh an tuairgneáil a bhí dhá fhagháil ag an luing go dtairngeóchadh sí a hancaire: an stathadh a bhí dhá bhaint aice as a cábla lé neart an ghála. Mo lán-thuairm gurb é tuairgneáil an bháis atá air, ar a neamhshocracht atá sé: an suathadh is corruighe tinneasmhar.

tuairgneálaidhe: *f.4.* buailteóir, smísteálaidhe. Níor mhaith liom bheith i gcoinnibh an tuairgneálaidhe sin ar pháirc na himeartha dá mbuaileadh sé ort bheadh cuimhne ar feadh tamaill agat air: duine a shuathfadh an creatlach ionat. Tuairgneálaidhe go gcaithfeá aire do thabhairt duit féin air nó bhrisfeadh an uile rud fé iadhadh an tighe agat: duine suaidhte.

tuairgnim: *b.a.* (**tuairgneálaim**) buailim, stiallaim, smísteálaim, léasaim, leadrálaim, suathaim. Tuairgneadh ró-mhór me d'iarraidh slighe do dhéanamh amach tríd an mbrúghtam gur thuiteas i laige is nách cuimhin liom faic as san amach: suathadh: sáthadh is caitheadh. Tuairgneáladh an long chómh mór san sa farraigidhibh tréana gur ar éigean do bhain sí talamh amach: do shuathaidh is do leadráil cómhacht na dtonn í. Má thuairgnis (thuairgneálais) me, níl ach a rádh go bhfuil mo sheasamh agam: ná suathaidh me: ná bain groga obann asam. Tuairgneáladh an chathair ón dtalamh agus ón aer ar feadh ráithe sar ar thuit sí leis an namhaid: stialladh is smísteáladh í lé piléaraibh. Tuairgneadh an doras chómh mór san leis an ndul tré chéile bhí sa tábhairne nuair cuireadh an bhruighean ar bun gur thuit sé dá lúdrachaibh: brughadh is réabadh. Tuairgneadh go maith san chluiche sin thu: suathadh: suaineáladh: ghoill an bualadh do fuairis ort. Thuairgnigh síon na hoidhche na barraidhe: bhris is do bhrúigh iad.

tuairmeach: *a.* dóightheamhail, eólgaiseach, muinghineach, go dtuairmidhibh. Lá tuairmeach chun taistil, ghluaiseamair linn go moch ar maidin: go raibh gach aon deallramh air go mbeadh ina lá mhaith ina chóir. Áit thuairmeach go maith dar leis na lorgairidhibh chun óir dob eadh é is longuigheadar ann: bhí sé de chuma air go mbeadh ór ann. Beidh díombáidh air nuair chloisfidh sé ná buailfidh aon phioc den eadáil é mar ní fhéadfadh sé do bheith níos tuairmighe de chuid d'fhagháil: níos dóightheamhla: an oiread súil do bheith aige leis. Éistighimís leis, duine tuairmeach seadh é, is fiú tor do thabhairt ar a ghlór: duine go bhfuil an oiread eolais aige is go bhfuil bunadhas aige breith do thabhairt. Mór an díombáidh an capall san do chailleamhaint an ráis is an oiread san daoine a bhí tuairmeach do: gurbh é a mbaramhal go mbuaidhfeadh sé. Beireann sé

na cosa leis as na céadtaibh rud, duine neamh-thuairmeach gan aon amhras: duine ná caithfí amhras choidhche air. Dá n-osclóchadh seisean a bhéal níl sé in ao'chor chómh neamh-thuairmeach is leigeann sé air: ná gur bh'fhéidir baramhal éigin do thabhairt. Cé hé an té go gcuirfinn ina chómhairle é ach thu, cá bhfaghainn éinne chómh tuairmeach leat?: go mbeadh smaoineamh fuaimeantamhail ina cheann mar gheall air. Is minic ná tiocfadh follamh ó thigh beag-thuairmeach: tigh ná beadh mórán súil ag duine lé rud d'fhagháil ann.

tuairmeamhail: *a.* amhrastamhail, muinghineach. Oiread is gaoth an fhocail níor cheart duit do thabhairt do, tá sé i bhfad ró-thuairmeamhail, ní fios cad é an scéal do scaipfeadh sé ort: amhrastamhail ar aiste bheith claon lé teacht ar aigne droich-mhéine i dtaobh duine nó ruda gan fiadhnaise dóthanaighe. Tusa an té budh thuairmeamhla don lá: an té is mó go raibh muinghin aige as. Budh thuairmeamhla liom an cogadh so do dhul chun fiagaidheachta 'ná é do stad go hobann: is leis sin is mó bheadh claonadh agam. Ní heól dom aon duine is tuairmeamhla as féin 'ná é: cad ná féadfadh sé féin do dhéanamh, cad ná dubhairt sé leo etc. etc.: is mó go bhfuil meas aige ar a ghníomh. Ní bhfaghfá in Éirinn uile fear is neamh-thuairmeamhla as féin d'fhear atá chómh cliste, áitrighthe leis: is lugha tóirtéis, nó go bhfuil baramhal aige as féin. Meas madra níl agam-sa ar an ngaige tuairmeamhail sin, níl ann ach a bhfuil de ghothaidhibh aige: dóightheamhail as féin: go dtuigtear do go bhfuil tréithe ann i bhfad níos mó 'ná mar tá: go bhfuil teádhanna móra ann ina thaobh féin.

tuairmidheacht: *b.3.* baramhlacht, claonacht lé breith do thabhairt gan dearbhacht. Is mór an tuairmidheacht atá ort anois d'iarraidh a fhagháil uaim cad tá ar aigne agam: caitheamh baramhal. Ag tuairmidheacht i gcómhnaidhe do ghnóthaidhibh na gcómharsan, nách mór an tinneas do chuirid ort: ag caitheamh amhrais ortha: a gcúrsaidhe ag déanamh mearbhaill duit toisc gan thú bheith deimhnightheach ina dtaobh. Bhí tuairmidheacht i gcómhnaidhe agam go mbéarfadh an cheasnaidhe chun bóthair ach ní raibh súil chómh luath so agam leis: bhí mo bharamhal claon leis cé ná rabhas deimhnightheach de. An bhfuil aon tuairmidheacht agat an dtéarnóchaidh sé an tseachtmhain?: an bhféadfá breith do thabhairt dréir aon réasúin in ao'chor. Ag síor-thuairmidheacht ar olcas an fhir thall, gan smaoineamh macánta do chur choidhche ina leith: ag leigeant don aigne cothughadh do dhéanamh ar smaointibh a chuireas mí-ghníomhartha i leith dhuine. Bheinn buidheach díot dá leigtheá thart me anois agus airís, gan bheith ag tuairmidheacht mar sin orm: an-chlaon lé amhras do bheith agat orm gan adhbhar nó ag tabhairt do bharamhal orm. Is é tuairmidheacht na ndaoine tímcheall an bhaill againne ná féadfaimís fear dob fhearr do thoghadh: baramhal coitcheann. "An dóigh leat go bhfuil sé deimhnightheach go rabhas láithreach lé linn an achrainn?" – "tá tuairmidheacht aige": tuigtear do nó creideann sé go rabhais, ach níl sé dearbhtha ná ní fhéadfadh a chruthughadh.

tuairmighim: *b.a.* samhluighim, measaim, cuirim i leith, ceapaim. Ná tuairmigh go bhfuil gach éinne buidheach díot nó beidh an diabhal féin de dhearmhad ort: ná samhluightear duit. "Gheóbhair cuid de n-a mbeidh ar siubhal, ná cuirfidh san iongadh ort?" – "níor thuairmigheas é fiú amháin": níor smaoinigheadh dom gur bh'fhéidir é. Lé linn m'óige tuairmigheadh mór-rudaidhe dhom, dar lé muinntir na háite ná beadh mo leithéid sa dúthaigh: cheap na daoine ina n-aigne go mbeinn i ndán bearta iongtacha do

dhéanamh. Bleaigeárd toghtha dréir dheallraimh seadh é, níor thuairmigheas a mhalairt riamh do: sin é díreach do cheapainn do. Maireann sé fós cé gur minic do tuairmigheadh an bás do: measadh go raibh sé i ngar do nó ná raibh dul uaidh aige. Cad thuairmigheann tu don lá indiu? – breágh nó gránda?: cad é an saghas aimsire atá lé teacht. Tá an braon ceart ann dar m'anam, cé thuairmeóchadh do é?: cé shamhlóchadh leis é?: cé cheapfadh go mbeadh ó n-a dheallramh. Ní thuairmeófaí choidhche gníomh táir mar sin lé fear go raibh oiread measa air: ní chuimhneóchadh éinne ar a chur ina leith. Riamh tuairmightí ciall léi is féach anois cad tá déanta aice, imthighthe lé fear iasachta: bhí meas na céille uirthi.

tuairmiughadh: *f.* (*-uighthe*) samhlughadh, ceapadh, cur i leith, meas. Is gránda an béas atá aige ag tuairmiughadh ar dhaoinibh: ghá cheapadh go mbíonn rudaidhe déanta aca ná bíonn nó i ndán rud do dhéanamh ná bíd. Táim ag tuairmiughadh saoghal maith, subháilceach duit ar an aigne is ar an gclódh atá ort: toradh mo bhreithnighthe gur mar sin do bheidh agat. Nuair bhí an oidhche ag dul chun faid slighe ar an mnaoi bhoicht is gan an té amháin a bhí sa tsaoghal aice ag filleadh bhí sí ag tuairmiughadh gach aon íde budh mheasa 'ná a chéile do bheith tárluighthe dho: gach aon chrích dá olcas do bheith dulta air. Trí chéad púnt do chuala bhí ar iomchar aige, b'é sin mo tuairmiughadh féin freisin: sin í an tsuim nó tímcheall uirthi do cheapas do. Níor thárlaidh oiread is aon nidh amháin dár thuairmigheas: de n-a raibh súil agam leis. Tuairmigh pé rud is mian leat ach ní aidhmseóchair an ceart im thaobh: samhluigh.

tuairín: *f.4.* tuar beag, áit gealtha éadaighe, etc., féaránach beag. Tuairín caorach. Na tuairínidhe; garraithe beaga chun ainmhidhthe do choimeád thar oidhche.

tuairisc: *b.2.* cunntas, tásc, fios, eólas, cáil, rian, cuardach, lorg, rabhadh, fógra. Ón lá d'fhág sé Éire tá sé imthighthe gan aon tuairisc: ní tháinig scéala ar bith ar bheó nó marbh é nó cá hionad do. Cuirfead aon gheall leat go bhfuil do chuid airgid imthighthe gan fios a thuairisce: gan aon eólas ar an slighe 'nar scarais leis. Nuair throidid mná na buaile sin é an uair gheibhim-se tuairisc mo mhuilt: nuair thuitid amach lé chéile sin é uair fhionnaim a rún im thaobh féin. An bhfuil tuairisc t'athar agat?: an bhfuil aon eólas agat cá bhfuil sé. Is ait é ach is fíor é dá bhfeiceadh fiche duine cinneamhaint ná beadh tuairisc aon bheirte aca mar a chéile: an cunntas do thabharfaidís ar mar thárlaidh sí. Ní gábhadh dhuit dada do rádh budh thúisce do thuairisc 'ná thu: tháinig an cúnntas ar an saghas duine atá ionat rómhat. Dá mbeadh aon rud ort is maith atá a fhios agat go dtiocfainn-se ar do thuairisc: chughat d'fhéachaint connus mar bhís. Chuireas do thuairisc ar gach éinne dár bhuail liom: d'fhiafruigheas ceisteanna mar gheall ort - connus bhí do shláinte, cá rábhais, cad bhí ar siubhal agat, etc. Bhíodh gach éinne ag moladh na háite, is b'fhada dhom dar liom, go rabhas ann, ach ní fada bhíos ann nuair fuaireas amach nár chathair mar a tuairisc a bhí agam: nár bh'ionann an áit is a cáil. Ná glac neach ar a thuairisc féin: faigh amach duit féin cad é an saghas an té a bhíos i dtreis leat is ná creid a bhéal féin air féin. An bhfeacaís Seán lé déidheannaighe? ní aithneófá é, níor fhan a thuairisc ann: chuaidh sé go mór chun deiridh: thréig sé an oiread san gur dhóigh leat nár bh'é an duine céadna a bhí ann in ao'chor. Cé hól an beathuisce as an mbuidéal so? níl a thuairisc ann: a rian ná a chuma go raibh a leithéid ann. Muinntir Fhailbhe budh threise tamall i gCorca Dhuibhne, ní mór go bhfuil a dtuairisc ann indiu: fíor-bheagán díobh a chómhnuigheas

ann anois. Bhuail fear liom a bhí ag cur tuairisce sparáin a chuaidh ar seachrán uaidh: ag cur ceisteann orm ar bh'eól dom aon rud mar gheall air. Beir san mar thuairisc abhaile leat anois, is fearrde thu smut den bhfírinne do nochtadh dhuit: bíodh san mar scéal nuadh agat. Tabhair tuairisc dóibh gan aon imshníomh do bheith ortha, go mbead ag baile am éigin fé mhaidean: cunntas. "Cá bhfuilir ag dul?" – "ar thuairisc uisce": ar a lorg pé áit go bhfaighead é. Is fánach do thagann tuairisc ó Mhearaice anois toisc an chogaidh: cúnntas nó eólas ar dhaoinibh, etc., thall ann. Imthigh! is gan fios do thuairisce: nár chloistear aon fhocal id thaobh ná do chrích choidhche airís. "Margadh Monday cailleadh go dona is mise ar a thuairisc ag gol fuidheach": ghá lorg. "Do b'fhada dá mheilt a teist 'sa tuairisc/ dob fhada gur chreid me a bheag ná a mhór de": a clú: an cúnntas do tugtaí ar a gníomharthaibh. Dob eaglach lé gach beirt dá gcuala é go rachainn im pheilt im gheilt gan tuairisc: as radharc is as eólas. Is cuimhin liom sean-Tiughaidhe, thar éis Aifrinn gach Domhnach, ag tabhairt tuairisc Mhearaice dos na daoinibh: ag cur síos ar a imtheachtaibh ann, is ar na nidhthibh a chonnaic sé is a mhothuigh sé ann. Dá mbeidís ghá cheistiughadh go gcuirfeadh Dia fios ortha ní bhfaighidís aon tuairisc as, b'éigean dóibh éirghe suas de: ní déarfadh sé aon rud a thabharfadh éachtaint dóibh ar an gcúnntas a bhí uatha. Tá tuairisc agam duit tu do dhul gan aon mhoill abhaile: scéala, teachtaireacht. Scríobhas tuairisc ar a bhfeaca agus a gcuala: cunntas. Thugas a thuairisc uaim chómh cruinn agus d'fhéadas lé hionchas go n-aithneóchaidís an duine ceart nuair chidhfidís é: a chómharthaidhe. Is dóichighde é bheith marbh, ní bhfuaireas tásc ná tuairisc air leis na bliadhantaibh: cunntas ná ráfla. Tabhair tuairisc ionat féin, cár chaithis an oidhche?: freagair cad iad na rudaidhe a dheinis is an áit go rabhais. Toisc gur fear mór tuairiscidhe é fear mór tuairmidhe seadh é: duine a chloiseann mórán scéalta. Má leanair ag obair mar sin ní bheidh do thuairisc ann fé dheireadh na bliadhna: beir chómh hathruighthe sin ná déarfadh neach gur thu an duine céadna. Sin é tuairisc mo bheatha agat, creid é nó ná creid é: m'eachtra ríomh ar na nidhthibh a thárlaidh dom i rith mo shaoghail. Cuireadh lé tuairisc cleamhnais (síothchána, etc.) me: scéala: teachtaireacht agam chun na nidhthe seo do chriathairt. Leath na dtuairiscidhe cogaidh a cloistear ní reidhtighid lé chéile: cunntaisidhe a tugtar ar cad bhíonn ar siubhal. Ón dtuairisc do fuaireamair air is é atá againn: cur síos ar a dheallramh 'sa chlódh.

tuairt: *b.2.* buille nó tuiteam trom, glór trom a dhéanfadh rud ar a leagadh nó a thuiteam do; gníomh do dhéanamh de phreib. Baineadh tuairt as ar an úrlár cruaidh nuair thuit sé i bhfanntais: theangmhuigh a chorp go haindeis trom leis an dtalamh. Chloisfeá an tuairt a baineadh as a cheann nuair bhuail sé i gcoinnibh an fhalla: fuaim throm, bhalbh. Thuit sé ina thuairt i gceann a chos, gan choinne ar bith, gur scannruigh sé a raibh láithreach: ina phleist díreach san ionad ina raibh sé. B'ait liom an tuairt ag déanamh ar an dtigh an t-am san d'oidhche in áit iargcúlta mar é, nó cé bheadh ann: glór trom coisidheachta. Den gcéad iarracht sa cheann leis an stabh dharaighe do leag sé an tarbh cuthaigh róin ina thuairt ar an gcladach: dhein sé pleist gan chor de. "Do leagfainn anuas de thuairt fán mbórd thu/ 'sis fada lé luadh gach cuaird dá ngeóbhainn ort": de thruist: id chlais ná beadh cor asat. Tuairt agus torann tuilleadh fóghmhair: dá shaidhbhre é an fóghmhar is eadh is mó an ruathar is an fuadar oibre. Má baintear aon tuairt as an mbuin caillfidh sí marbhghamhain: má gheibheann sí aon óspairt.

tuairteáil: *b.3.* suaithneáil throm, sáthadh is tarrac, ionfairt shuaidhte, búrdáil, brúghtáil. Chuirfeadh sé i laige duine an tuairteáil a fuair a cheann i gcoinnibh na gcarraigeach ós na tonnaidheachaibh: stialladh. I mbéal an bháide bhí an-thuairteáil ag an dá thaobh d'iarraidh an láimh uachtair d'fhagháil ar a chéile: suathadh: coimheascar dian, trom. Rugadar air agus sar ar scaoileadar uatha é bhaineadar tuairteáil cheart as a chorp go raibh sásamh ceart aca: thugadar búrdáil dhóthanach do. Thugas trí mhí san ósbuidéal de dheascaibh na tuairteála a fuaireas ón gcara sráide nuair bhuail sé me: an truist is an caitheamh uathbhásach goirtightheach do baineadh asam. Dubhart 'Dia lém anam' agus ní haon uair amháin é, mar is beag coinne a bhí agam lé teacht saor is an tuairteáil a bhí an fharraige dhá thabhairt dom: an caitheamh áidhbhéil ó thaobh taobh.

tuaisceart: *f.1.* an áird thuaidh, an taobh thuaidh, taobh na láimhe clé; tuathal. Ná beifeá mín; an tuaisceart i gcómhnaidhe lé daoinibh, ní chuirfidh san cion aca ort: goirgeacht béas: cainnt chiotrúnta: bheith neamh-síbhialta i gcainnt. Tá cuid chait déanta anois agat de, ní dheaghaidh an tuaisceart riamh uait: an tslighe thuathalach chun ruda do dhéanamh. Duine seadh me atá i ndán tuaisceart nó tláithe do thabhairt uaim mar is mian liom: míne nó buirbe: béasamhlacht nó easmailteacht. Inis tuaisceart: an t-oileán is sia ó thuaidh des na Blascaodaibh. Sé contaethe an tuaiscirt: iad so atá deighilte ó Dháil Éireann. Gaoth an tuaiscirt is fuaire agus is déine: an ghaoth a shéideas adtuaidh. Réilthín an tuaiscirt: an ceann san áird sin go dtómhaistear achair dá réir ó líne na gréine. Ní hi leith tuaiscirt do chos do chuirfinn gur shatlais orm ach i leith tuathalachta t'aigne: aindeise a ngluaiseachta. Soillse an tuaiscirt: an bhóiriata.

tuaisceartach: *a.* neamh-shíbhialta, míchéadfadhach, do-ranna, coimhtheach, míbhéasach. Is an-dheacair cóstáil indiu leis, tá sé árd-thuaisceartach, pé fáth atá leis, ní mór go bhféadfadh duine a bhéal d'oscailt chuige: giorraisc, gearbach. Duine do-thuigseanta, dorcha tuaisceartach gur deacair do dhuine fios do bheith connus mar budh cheart labhairt leis chun é do shásamh: grod-bhéasach: duine nár lugha aige freagra. Ní dhéanfadh sé múinteóir maith choidhche, fear ró-thuaisceartach seadh é: neam-mín i gconbharsáid lé daltaidhibh. Maoluigh, ná bí tuaisceartach ait liom: ná bí claon leis gach aon rud do thógaint orm. Seachain thu féin ar an sean-mhiúil mhalluighthe, thuaisceartaigh sin: ná beadh géilleamhail do chineáltacht. Is é an talamh is tuaisceartaighe atá áitrighthe é: is sia ó thuaidh. Ní thógfadh san aon rud choidhche ort, tá sé ar an té is neamh-thuaisceartaighe a choidrighis riamh: is neamhstuacaighe: gur fusa réidhteach leis. Bhí sé lé rádh aca mar lánamhain ná raibh focal tuaisceartach eatartha ar feadh a saoghail ón lá snaidhmeadh iad: goirgeach: a bheadh claon lé buaidhreamh, achrann nó easmailt eatartha. Má taoi tuathalach ní cuibhe dhuit bheith tuaisceartach: má táir grod, bun os chionn i gconbharsáid is gan leigheas agat air ní tugtha dhuit ina theannta san bheith mí-bhéasach léd thoil.

tuaisceartaighe: *b.4.* aiste nó stáid do bheith tuaisceartach. Ní maith lé héinne a thuaisceartaighe is taoi, ní cuibhe dhuit é, ní bheadh faic 'e bharra caillte agat lé bheith beagán síbhialta: grod, gearbach in úrlabhra. A thuaisceartaighe a bhí ag teacht riamh leis in aon chuideachtain dá mbíodh sé, níor bh'eól d'éinne cad a réidhteóchadh lé n-a chluais ná lé n-a mheón: coimhtheacht: aigne gur dheacair teidhmint do dhéanamh uirthi.

tuaisceartach: *f.1.* duine ón dtaobh thuaidh de dhúthaigh nó de cheanntar. Furmhór tuaisceartach na hÉireann ní réidhtighid i bpoilitidheacht leis an gcuid eile.

tuaith: *b.3.* áird, suim, ceann. Dá mbudh mise thu, ó chuir sí tuaith ionat má táir bocht féin is ise saidhbhir, do phósfainn í: chuir sí nath ionat. Chómh luath is chonnac é agus an imtheacht fhearamhail a bhí fé chuireas tuaith ann láithreach ball: chuireas suim ann is i ngach rud dá ndéanfadh sé. Níl aon áit go mbíonn teasbáinteas peictiúiridhe ná go bhfeicfeá ann é, ní fuláir nó cuireann sé tuaith mhór ionta: go gcuireann sé suim ionta seachas a sealbhughadh. Is beag Éireannach ná cuireann tuaith i scéal maith: ná gur mhian leis a chlos ar son an tsubháilcis do bhainfeadh as. Níor bhuail riamh liom fear is iontuatha ná é, mhairfeá ag éisteacht leis ag innsint a eachtraidhthe: caoraidheacht aigne. Ní maith liom go gcuireann sé tuaith im mhnaoi: spéis neamh-ghnáth.

tuaithbhéal: *f.1.* neamh-dheismireacht, clé-chainnt, neamh-aicillidheacht. Dubhairt sé é, an t-aindeiseóir, ach níor chóir aon mhilleán do bheith air óir go bhfuil an tuaithbhéal ag baint riamh leis, is ná feadair sé ná go mbíonn sé ag cainnt go ceart is go cóir: an ceal gliocais nó deismireachta budh cheart do do chleachtadh chun an ruda oireamhnaigh. Éist! leanfaidh an tuaithbhéal go deo thu: mío-thapaidhean cainnte. An tuaithbhéal a dhein dom é do rádh: ceal breithnighthe roim labhairt. Is oth liom a rádh nách é an duine ceart é, dar liom, chun réidhtigh leis na cladhairidhibh úd atá ar nós an mhada ruaidh, mar go bhfuil sé ina thuaithbhéal is ina thuathal ann: go scéidhfeadh a theanga is a ghníomh air nuair gurb é a mhalairt ar fad d'oirfeadh. Tabharfaidh an tuaithbhéal náire duit: ceal aicillidheachta béil.

tuaithbhéalach: *a.* tuisleach as an dteangain. Is minic minic a dhein an t-aindeiseóir a bhotún trí mío-thapaidhean cainnte toisc é do bheith tuaithbhéalach mar bhí: tuisleach as a theangain. Ní duine in ao'chor é le cur ar lorg comaoine, mar ná beadh a fhios agat cad é an nóimint a dhéanfadh sé a bhotún is é chómh tuaithbhéalach san: claon leis an nidh mí-cheart nó neamh-oireamhnach do rádh.

tuaitheamhail: *a.* spéiseamhail, suimeamhail. Fear seadh é atá tuaitheamhail i leitrideacht mhaith, caitheann sé mórchuid dá aimsir ag gabháil di: go bhfuil suim mhór aige innte. Nílim tuaitheamhail i mnáibh: is cuma liom ina dtaobh: ní háil liom mar chéile duine aca ná mar chuideachtain iad. Ógánach é a bheadh iontuaitheamhail duit-se mar tá leanamhnachas mór aige ar an bhfarraige leis: go bhfuil an méid sin ag baint leis go gcuirfeá áird air.

tuaithleas: *b.3.* aimhleas. É siúd chómh sean-chríonna lé seandraoi nách baoghal go ndéanfadh sé a thuaithleas choidhche: aon rud ná beadh chun a thairbhe.

tualaing: *a.* éifeachtamhail, i ndán, inneamhail, cumasach. Ní tualaing é ar chorruighe as chúinne na teine lé haindeise is lé haois: níl sé d'acfuinn ann. Níl sé tualaing suain le tinneas: ní fhéadfadh codladh do dhéanamh. Cé léir tualaing snámh i bhfarraige shuaidhte mar sin?: cé hé bheadh ábalta air. Ní tualaing do droich-bheart do dhéanamh ar neach beo: níl ann.

tualas: *f.1.* faisnéis drochtátalach, cogar nó ráfla, suainseán, éachtaint, scéala, tuarasgabháil. Aon tualas fiú amháin níl agam i dtaobh an scéil seo do cuirtear im leith: éachtaint ná faisnéis: ní fheadar pioc mar gheall air. An gcualaís aon tualas i dtaobh an fhir do mharbhadh, in ionad é d'fhagháil bháis go nádúrdha fé mar ceapadh?: ráfla: scéal reatha. Ní bhíonn ó lucht tualais ach gaoth an fhocail d'fhagháil chun cainnte do leathadh ar dhuine: dream suainseáin. Do leath saghas tualais ameasc na ndaoine gan aon bhun leis go rabhamair ar bhruach cogaidh: cogar mogar urchóideach chun sinn do luathughadh chuige.

tualasach: *a.* amhrastamhail, suainseánach, ráflach. Is beag aige cainnt thualasach do leathadh ar dhuine gan bacúint an fíor nó bréag í, níl mórán fuaimeanta leis an scaothaire: suainseánach: masluightheach. Aimsir thualasach í seo, chloisfeá na mílte rud go ndéintear talamh slán díobh ar an dtoirt, níor mhór do dhuine bheith aireach is gan géilleadh dos gach aon phríochán dubh go mbíonn scéal ar a ghob aige: ráflach.

tualasóir: *f.3.* suainseánaidhe, cáinteóir. An moladh i mbéal an tuaslóra: ní chreideann neach é: is measa dho dhuine é 'ná a cháineadh. Ní lia ruibe id cheann ná tualasóir ar t'aitheantas: níl éinne ná go gcáinfidh thu ach, is beag a shíor-mholfaidh thu.

tuama: *f.4.* uaigh, leacht os cionn uagha, uladh, feart; uaim lé haghaidh adhlactha na marbh. "Agus do chuir sé ina thuama nuadh féin é, noch do thochail sé i gcarraig; agus ar iompódh leice móire dho ar dhoras an tuama, d'imthigh sé roimhe" (Matha XXVII. 60): uaigh: uaimh gearrtha as an gcloich. "...thárla dias de dhaoinibh air ann a rabhadar deamhain ag teacht as na tuamaidhibh, agus do bhí ró-fhíochmhar, ionnas nár bh'fhéidir do dhuine ar bith an tslighe sin do ghabháil" (Matha VIII. 28).

tuamánta: *a.* fíochmhar, ceanndáine, daingean rúin. Níl aon chao go ngéillfeadh sé ceart nó mí-cheart, tá an duine chómh tuamánta san: goirgeach, daingean, do-thuigseanta. Má oireann dom, féadfad bheith chómh tuamánta lé duine agus gan géilleadh ach oiread leis an gcarraig: ceann-dáine. Ainmhidhe tuamánta é sin, ní mór duit bheith an-chneasta leis nó raidfidh sé: stuacach, deacair: stailceach. Bí mín, mánla léi nó ní bhfaghair ádh ná ealadha uirthi, táir ró-thuamánta léi: stuacach: daingean, goirgeach. Bíodh foidhne agat, ná déin aon rud go tuamánta nó beir in aithreachas: ceann-uaiscneach: gan ciall is fuaimeanta do chaitheamh leis.

tuamántacht: *b.3.* tuathalacht, neamh-míne, bromántacht, stuacacht, goirgeach, tuaisceartacht. Ní leigfeadh an tuamántacht do cómhrádh cneasta do dhéanamh lé duine, tá sé chómh mór san 'na dhúra dara: tuaisceartacht: dúire aigne. Níl focal indiu as leis an dtuamántacht so is gnáth leis do bheith air: goirgeacht aigne is coimhtheas coidreamh do dhéanamh. Ní coimeádfaí in aon áit é toisc a thuamántacht, ní bhíodh focal séimh aige d'éinne go mbíodh air freastal air: ceal béasamhlachta. Budh mhór an truagh an locht san do bheith air, an tuamántacht, ná braitheadh sé roimis sara ndéarfadh sé rud mar bhí croidhe geal aige agus deagh-aigne: mío-rothag.

tuar: *f.1.* log nó gabhann chun ainmhidhthe do chongbháil thar oidhche; áit chun éadaighe do ghealadh, na héadaighe féin; bualtach ainmhidhe. "Sé mo dhaid adubhairt

liom chómh moch so gluaiseacht/ go raibh na ba sa tuar ag géimrigh/ is gur theastuigh buachaill na mbó so ag buaint uaidh/ mar bhí an bhroid ró-mhór go léir air." Cuir na ba 'on tuar: gort áirighthe ná beidh baoghal go bhfágfaid thar oidhche. Na tuair: guirt go leanann an ainm iad de bharr na háise sin do bhaint asta. Ó thuar an domhain go thiar an domhain budh dheacair áit níos áilne d'fhagháil: ó cheann ceann: ón oirthear – an áit go n-éirigheann an ghrian thar éis suain na hoidhche! Dearbhadh ceart air go raibh na caoirigh ann, ná fuairtheas a dtuar ann?: cacamas. Budh mhór an chabhair leasuighthe tuar na mbó i gcroiceann na talmhan: bualtrach: bualtaighe. Talamh go raibh tuar agus aoileach air, budh mhaith é: cacamas is bualtaighe fara leasughadh eile. Déanfaidh tuar fada gealughadh maith: dá fhaid a bhíos rud leis fén sín, ngréin is aer seadh is gile bheidh: imthigheann gach olc leis an aimsir. Cuir an líon ar tuar: fén spéir go ngealfadh sé. Tuar capaill, asail, coinín etc. Ní bhfuair sé faic tímcheall na nide ach tuar: salachar an éin.

tuar: *f.1.* fáistinne(acht), foillse, dóigh, cómharthaidhe, trúin, trúig, réamh-chómhartha, sighin. Gan aon amhras is maith an tuar oibre é, teacht um eadarshuth bó (leamhas): an cómhartha go bhfuil fonn oibre ar dhuine nó go mbeidh cuid mhaith dhi déanta. Tuar maitheasa an codladh atá déanta aige: geallamhaint nó cómhartha deallramhthach. Tuar fola fearg dhian: is cosamhla 'ná a chéile go siltear fuil nuair bítear feargach. Is maith an tuar fir d'fhagháil thu, is ná féadfá cliath do chur ar stoca ná greim do chur lé snáthaid! (leamhas): ní dóigh thu chun a fhaghála óir nách fiú thu é. Tuar tuirse is bróin don gceanntar a bhás: cúis. Tuar báistighe an ceódh san: réamhchómhartha go dtiocfaidh sí. Cuirtear na tuartha fáilte roimis is fiú ór gach aon órdlach di: mórchuid d'fháiltidhibh geala. Tuar droch-aimsire do theacht 'on áit: cómhartha deimhnightheach go leanfaidh sí thu. Táir id thuar le bás: tiocfaidh bás dhuine éigin ded chionn. Ní haon tuar síothchána sa taobh thuaidh d'Éirinn arm iasachta: ní dóigh é. Thugas fé ndeara thu annsan lé tamall ag tuar achrainn: ar tí clampair do chur ar bun. An tuar fearthainne nó gaoithe móire na scamaill sin?: an cómhartha iad? Níor dheacair a thabhairt fé ndeara go raibh sé ag tuar chun catha fuiltigh an loingeas iomadamhail do bheith ag cruinneáilt ar an gcósta: ag dul i bhfearas: ag bailiughadh chuige. Ní indiu ná indé mise ghá thuar dho go n-éireóchadh cinneamhaint éigin do mara mbeadh sé aireach: ghá réamh-aithris dho. Tuar dearg suas: nuair bhíonn ns spéartha dearg cómhartha é go mbíonn báisteach is fuacht air. Tuar leadráin dom tu do bhualadh umam: adhbhar: an-ádh atá orm mara moillighir me mar is gnáth leat do dhéanamh. Cuirtear fios ar an ndochtúir, tá an cailín seo ag tuar fiabhrais, chuirfinn mo cheann ar ceap: ag foillsiughadh a chómharthaidhe.

tuaradh: *f.* (*-rtha*) gealadh. An líon, na héadaighe ag tuaradh: leathta amach fén aer chun a ngealta. A chnámha ag tuaradh ar thóin na mara: an fheóil ag imtheacht díobh is iad ag dreóghadh.

tuaradh: *f.* (*-rtha*) bheith mar adhbhar, bun, cúis, foillsiughadh, tuilleamh, gnóthughadh, cómharthughadh do dhuine féin. Ar an gclódh atá ort agus an chainnt atá ag teacht uait lé daoinibh, táir ag tuaradh uilc duit féin: ghá leasughadh: ag tabhairt do lán-chónganta chun a theacht chun cinn. Ag tuaradh a thuille deór a bheir má bhír ag machtnamh air: ag cruinneáilt chun a silte. Is ag tuaradh bruighne dhuit é bheith ghá bhfreagairt sin, leig dóibh féin: bunughadh: adhbhar bruighne aca san é ná fuil uatha ach gaoth an fhocail. Tá

an cogadh ag tuaradh go holc, bhí breall ar an ndream a deireadh nár bh'fhada uaidh a dheireadh: tá gach aon chrot air gur in olcas a raghaidh sé. Deirim-se leat-sa, agus deirim go fírinneach leat, go bhfuil sé ag tuaradh an bháis pé muinghin atá gen ndochtúir as: go bhfuil cómharthaidhe an bháis dhá fhoillsiughadh aige. Mise, dá grádh, ag tuaradh na ndeór, is ise ag caitheamh gach léim ar luas: ag tabhairt deór nó ar bruach a dtabhartha. Lean de, táir ag tuaradh go maith dhuit féin (searbhas): ní raghaidh do dheáibreacha go ró-mhaith dhuit. Phós sí scraiste gan mhaith agus b'fhada í ghá thuaradh dhi féin: ghá cur féin fé léith a leithéid de chrích. B'fhada é ag tuaradh an bhuailte a fuair sé: ag tuilleamh: ar an bhfuadar a bhí fé b'fhuraist aithint gur mar sin do bheadh aige: fuair sé cion a dhearmaid.

tuaraim: *b.a. & n-a.* gealaim. Thar éis bháis dhóibh is minic do thuar a gcnámha, mar ná fuairtheas éinne a adhlacfadh iad: d'imthigh an fheóil des na corpánaibh is dhreóghadar fén sín. Tuartaí líon annsan: leathtaí amach fén spéir é chun a ghealtha.

tuaraim: *b.a.* déinim salachar; cuirim i ngabhann. Cá dtuarfar na ba an samhradh so?: cá gcuirfear chun coimeádta ist oidhche iad? Thuar na hainmhidhthe an gort san go maith: leasuigheadar é lé n-a mbualtrach etc. Ní fhéadfadh neach a shéanadh ná gur thuarais go maith í (duine a bheadh breoidhte, éiglidhe etc.): ná gur fhairis is gur thugais aire dhi is go bhfuairis a duadh.

tuaraim: *b.a.* foillsighim, cuirim i bhfáistine, i dtarngaireacht, tuillim, iarraim, bheirim do; is mé is bun, cúis, adhbhar, fá ndeara leis, gnóthuighim. Tuarair go holc: is é a clódh atá ort nó feádhanna atá fút go n-imthighidh crích olc ort. Connus thuarann an lá indiu?: connus thaidhbhsigheann sé maidir leis an aimsir atá rómhainn. Tuar an t-olc is tiocfaidh sé, tuar an mhaith is gheóbhair í: bíodh súil agat lé. Níor thuarais a mhalairt: pé rud atá imthighthe ort nó atá déanta agat sé a fhuadar a bhí fút: sin é a thuairmeóchadh neach ar bith dhuit. An té thuarann leabaidh chruaidh dho féin luigheadh sé uirthi: an té a chaitheas a shaoghal go neamh-chríochnamhail bíodh cion a dhearmaid aige. "D'éag sé airéir, slán mar a n-innstear é" – "sin é thuar sé lé fada": sin é d'fhoillsigh aiste a shláinte. Tuar go maith dhuit féin i dtúis do shaoghail: dein beart nuair bhíonn an cao is an eaga agat air. Thuar an bhean feasa saoghal fada dhom: chuir sí i bhfáistine dhom: dhein sí tarngaireacht dom. Thuaras féin dom féin an bhreóidhteacht so, níor thugas aire ná cineál dom féin: chuireas me féin fé n-a léith. An ghráin 'san míchéadfadh atá ag muinntir na háite orm thuaras féin dom féin é: chruthuigheas, thugas orm féin é lém bheartaibh féin: chuireas fé n-a léith me fein. Tuarann saighdiúiridhe Mhearaice i dTuaisceart Éireann olc éigin is baoghalach: foillsigheann: droch-chómhartha é. Cad a thuarann an chulaith nuadh so, a Sheáin?: cad leanfaidh í?: ná fuil fáth éigin lé n-a fagháil? Is minic a gheibheann duine an nidh ná tuarann sé: ná bíonn tuillte aige (olc).

tuaramhail: *a.* fáistineach, foillsightheach, trúineach, fuadrach. Lá tuaramhail go raibh gaoth mhór is tulcaidhe troma báistighe ann: droch-fhuadrach: gach aon chómhartha air go ndéanfaidh sé lá fíochmhar. Ní raibh aon iontaoibh agam as an súil thuaramhail do thug sé orm: amharc go léighfeadh duine drochfhuadar ann. Aimsir dheagh-thuaramhail maidir lé beatha na talmhan í seo: gach aon fhuadar fúithi go dtabharfaidh sí toradh maith

uaithi. Scamaill thuaramhla laistiar ag gluaiseacht: go bhfuil de dheallramh ortha go leanfaidh droichshín iad.

tuaras: *f.1.* cóiriughadh, beartughadh, fáistineacht. Táir ag tuaras leapan cruaidhe dhuit féin: ag déanamh rud a bhéarfaidh saoghal cruaidh duit leis an aimsir. Ní gan choinne a tháinig a dhroichghníomh orm is fada is eól dom é ghá thuaras orm: ghá chothughadh. Is é tuaras a dhein an dochtúir go raghadh an fear in olcas sara raghadh sé i bhfeabhas: an bhreith dréir na gcómharthaidhe thug sé fé ndeara. Tháinig tuaras báis a athar i dtaidhbhreamh chuige, deireadh sé i gcómhnaidhe: fáistineacht: faisnéis roim ré.

tuarascbháil: (**tuarasgabháil**) *b.3.* cúnntas, cur síos, ríomhadh, scéala, ráfla, teastas, cáil, clú, aithris. Ní hionann tuarascbháil catha ag lucht an chómhraic, bíonn a cóiriughadh féin ag gach taobh: scéala a imtheachta. Tá fáilte annso rómhat, budh thúisce do thuarascbháil ná thu: tháinig deaghscéala id thaobh. Ní mór dom tuarascbháil na háite do thabhairt duit, mar tá sé an-achrannach agus raghfá amudha ann: cunntas ar na bealachaibh is na cómharthaidhe talmhan atá ann. Nuair fuair sé tuarascbháil na mná ní dhéanfadh Éire é gan dul ar a tuairisc: scéala a scéimhe. Tuarascbháil chailín an tuarastáil ghránda ná faghann mar phádh ach caidhp sa ráithe: an cur síos. Thug sé tuarascbháil chómh cruinn sin dhom ar an nduine go n-aithneóchainn beirbhthe i bpraisigh é: chuir sé síos ar a chlódh: gach aon airdhe a bhaineas leis. Bead-sa ag tabhairt do thuarascbhála dhóibh agus fan leat: ag tabhairt clúidh ort ná beadh ró-bhladartha b'fhéidir. Tuarascbháil na hÉireann atá sa leabhar san: stair. Chuir an Riaghaltas ann é chun tuarascbhála do thabhairt ar aiste bheatha na ndaoine, má b'ar a mboichte.

tuarastal: *f.1.* díolaidheacht a déintear ar aitreamhaibh tráthamhla as obair ghéag; pádh, teacht isteach, díolfiach, táille. Obair gan tuarastal í seo: atá dhá dhéanamh in aisce. Is túisce tuilleamh 'ná tuarastal: sara ndíoltar as do sclábhaidheacht thu tá sé ceangailte ort í do dhéanamh. Gearánann na feirmeóiridhe ná fuilid gustalach a ndóthain chun lucht tuarastail do dhíol: daoine go mbeadh díolaidheacht ag dul chúcha as shaothar do dhéanamh. Ar an obair tá air déarfainn go bhfuil a thuarastal tuillte go maith aige: go n-oibrigheann sé go cruaidh ar son na méide dhéineann sé. Dhíol sé a thuarastal leis an saoghal so: níor fhág sé i bhfiachaibh é féin ag neach. An té a bhíos ar tuarastal an stáit níl baoghal go mbéarfaidh aon easnamh air: i ndíolaidheacht an stáit. Is fada ar tuarastal ag an ndiabhal iad: ag déanamh a dhroichbheart. Ina shaighdiúir i dtuarastal an ríogh: díolaidheacht áirighthe aige as. Chaith sé tamall ina shagart tuarastail ges na mnáibh riaghalta: iad san ghá íoc is gan baint lé parróiste ná beatha eile aige. "Óir is é tuarastal don pheaca bás; acht is é tabharthas Dé an bheatha mharthanach tré Íosa Críost ár dTighearna" (Rómh. VI. 23): sin é atá tuillte aige. "Mar bhí me fiche bliadhain ann do thigh; do fhóghain me dhuit cheithre bliadhna déag ar son do dhias inghean, agus sé bliadhna ar son th'áirnéise; agus d'athruigh tu mo thuarastal deich n-uaire" (Gen. XXXI. 41): díolfiach: airgead nó a chómh i gcoinnibh saothair nó oibre. Má thuill neach riamh a thuarastal thuillis-se é: má oibrigh éinne go dian ar son a bhfuair sé mar chúiteamh as a shaothar. Caithfead fear tuarastail do chur leis, níl am agam féin friotháilt air: duine ar a phádh lae. Ní bhfaghann sé de thuarastal ach a chuid bídh: cúiteamh saothair. Ag brath ar mo thuarastal atáim, cá bhfuil mo theacht isteach eile ach an méid a thuillim lé hallas mo ghruadh?: ar an ndíolaidheacht do ghaibhim as shaothar mo ghéag. Ní maith an tuar

tuarastail codladh go headarshuth: an cómhartha ná an t-adhbhar sochar oibre nó saothair é. Is fiú an sclábhaidhe a thuarastal: an té a ghníos obair bíonn díolfiach tuillte aige as a shaothar: ní cóir ná ceart neach a ghníos obair do chur díomhaoin.

tuarastalach: *a.* formálaidhe, díolamhnach, amhas. An Tighearna Talmhan is a chuid tuarastalach ag géirleanamhaint ar dhaoinibh bochta: dream a bhí fostuighthe aige ar díolfiach chun bearta suaraighe do dhéanamh. Ná cuir aon nath san gcúnntas san, níl ann ach tuarascbháil thuarastalach lucht páipéar: cúnntas scríobhtha ag dream atá fostuighthe d'áirighthe chun smaointe lucht na bpáipéar do scríobh.

tuarastlaidhe: *f.4.* duine a bhíos ar fostadh gnóth áirighthe do dhéanamh dréir mar cuirtear i bhfighis air; fostaidhe. Níl ionam-sa ach tuarastlaidhe mar déarfá, níl agam lé déanamh ach mar deirtear liom: ar fostadh chun órduighthe do chur i gcrích. Bíonn gach éinne a bhíos ag obair aige buidheach de, tuarastlaidhe maith atá ann, ní bhíonn sé dian ortha is tugann biadh maith dhóibh is scoth-phádh: fostaidhe.

tuargaint: *b.2. & 3.* bualadh, suathadh, ciapadh, smísteáil, búrdáil; ionsaidhe. Fuair sé tuargaint mhór ón dtaom breóidhtighe sin, ní dóigh liom go mbeidh sa mhaith chéadna choidhche airís: cath chómh trom san gur shuathaidh é is go ndeárna díth dá shláinte. Bóthar aimhréidh, dona b'eadh é, agus sean-thrucail mhillteach a bhain tuargaint mhór as mo sheanchnámhaibh: ghoilleadar go mór ortha. Ní fhuilngeóchadh an doras aon tuargaint, níl ach a rádh go bhfuil sé ar a lúdrachaibh, seachantar é: suathadh: teangmháil a chorróchadh an iomad é. I lár chróidh na himeartha seadh bhí an tuargaint ar fad, imirtheóiridhe dá leagadh go tiugh, te, gan an ruibe eatartha: bualadh is coimheascair. Baineadh an-thuargaint as an dtaobh istigh aige nuair thuit sé den dtigh: critheadh is croitheadh an t-ionathar go mór ann. Má fuair cathair tuargaint riamh tá sé fachta ag Cathair Stailín: suathadh, smísteáil is batráil catha. "Nó an fhinne-bhean ghreanta noch d'imthigh lé gealtaibh, dob fhuinneamhail fearg i dtuargaint": ár. "Is lannmhar léidmheach feargach, fraochda, trealamhach, tréan i dtuargaint": gabhtha go maith agus i ndán coimheascar comhraic do chur. "A rí na naomh nách claoidhte an scéal, mé cnaoidhte i bpéin dom thuargaint" dhá chiapadh. "Anfadh adtuaidh is fuadach fíochmhar is calaidh an chuain ag tuargaint teinte": ghá mhúchadh. Is me atá dhá thuargaint ag an saoghal, bás indiu, is bás ambáireach: dhá chlipeadh: dhá bhrughadh: gan aon tsuaimhneas dhá fhagháil agam uaidh. Aithnighim ort go bhfuil tuargaint ar do chroidhe ag an gcasachtaigh atá ort: suathadh: ionsaidhe dhá dhéanamh air, a ghoilleann air. Deineadh cómh-thuargaint orm ón dá thaobh ní mór ná gur liocuigheadh me: tugadh fúm go cruaidh, daingean, dochraideach. Néal den oidhche níor chodlas ach me dhá thuargaint ge smaointibh dubha, dolbhacha: dhá chur trí chéile: iad ina n-adhbhar míoshuaimhnis agam. Rug an iomad tuargana ar an bpota ar thóin an phuill sa stoirm gur imthigh sé ó n-a théid: búrdáil: suathadh is bualadh. Ní fhéadfadh an chathair a thuilleadh iomthuargana do sheasamh - do ghéill sí: ionsaidhe agus suathadh gan suas ó gach áird. Sin leis agat agus bí ag tuargaint na n-éadaighe go dtí go mbainir an uile phioc shalachair asta: sliseáil: ag gabháil ortha. Droch-thuailmidhe atá fén srathair rothair sin, bainfidh sí tuargaint an anama asat ar an mbóthar aimhréidh: corruighe míoshuaimhneasach. Fuair na gais an oiread san tuargana ón ngála gur briseadh a bhfurmhór: brughadh, casadh is briseadh. Is é

tuargaint an bháis atá air chómh maith agus táim beó: duadh: clampar. Tuargaint airgead do thuilleamh: duadh: téigheann obair leis.

tuargnaim: *b.a.* ionsaidhim, suathaim, crothaim ó bhonn. Leig dom suidhe socair, ná tuargain me, tá mo chnámha an-thinn: ná suathaidh: ná corruigh go ró-mhór, suaineáil, me: ná bain ionfairt throm ná ghoirtightheach asam. Do thuargnadar (thuargnuigheadar) ó chéile, ó thalamh, ag baint an bhaile dá chéile: d'ionsaidheadar go fíochmhar agus d'fhágadar rian ar a chéile. Tuargnóchaidh an ghaoth na gais, níl aon fhoithin ar an ngort: corróchaidh ón bpréimh aníos. Tuargnadh go maith an loingeas sa chaith, cailleadh a fhurmhór: tugadh óspairt dóibh. An gearán a bhí aige thuairgneóchadh sé croidhe cloiche: do dhéanfadh é do chorruighe lé truaighmhéil. Tuairgnigheadh ar fuaid an chuain an bád ar feadh na hoidhche, nár fhéad sí caladh do bhaint amach go maidean gheal: suathadh, cáitheadh, bhuail is léas an fharraige is an t-anfadh í. Thuargnuigh an bóthar é, chaith sé ró-fhada air: do shuathaidh, do ghoill sé air: níor fhág sé an oiread nirt is lútha ann is do bhí.

tuartha: *a.r.* gealtha, báidhteach, mílítheach; curtha i dtarngaireacht, i bhfáistine, bagartha, réamh-fhoillsighthe, -innste, -thagartha; leasuighthe, fartha. Nár ghabhaidh Dia ges na léinteachaibh é mara bhfuilid tuartha is a fhaid atáid amuigh fén spéir: gealtha. Cnámha na máirnéalach a cuireadh ann, d'imthigh an ghainnimh díobh is táid annsúd le feicsin tuartha ag an sín: gealtha. Ní hiongadh a gnúis tuartha gan braon fola innte, is a bhfuil de dheóraibh silte aice: báidhteach, mílítheach. Sin é an bás atá tuartha lé fada an lá aige: foillsighthe ina ghnúis is ina shláinte. Lé breis is seachtmhain bhí an droch-aimsir seo tuartha aige: bagartha: é de chuma go bpléascfadh sí aon am. Is fada an bás san tuartha aige dho féin, bhí sé ró-cheanamhail ar an gconntabhairt: sin é an fuadar a bhí fé: ní raibh aon dul uaidh aige ar an gcuma ina raibh sé ag caitheamh a bheatha. Ní hindiú ná indé atá an bhúrdáil sin tuartha ag eisean: is fada ghá thuilleamh é. Lé duine a bheadh thar éis friothála is airneáin do dhéanamh ar feadh tamaill ar dhuine bhreóidhte déarfaí: "tá sé tuartha go maith aige": fartha, is a dhuadh fachta. Bhí an gabhann tuartha go maith ges na caoiribh: mórán leasuighthe curtha aca air le lionn a dtuair, nó a gcacamas. Chuirfeadh a haghaidh thuartha maoithneachas ort, budh shoiléir gur ghaibh sí trí bhrón is trí shuathadh: díscithe de dhath is d'fhuil. Níl cúrsaidhe tuartha maith dhom fé láthair: dréir deallraimh ní raghaidh liom go maith.

tuarthach: *a.* bagarthach, fuistineach, fuadrach. Chuireadar ar athlá an t-oileán d'fhágaint is tabhairt fén míntír toisc go raibh an spéir thuarthach laistiar, nár mhaith is nár bh'fholláin a clódh: bagarthach. Mórchuid againn gur teacht tuarthach linn arm púncán i dtuaisceart ár ndúthaighe: gur drochfhuadar é: nách chun síothchána do thángadar. Teacht deagh-thuarthach in ár gcuideachtain seadh thu: tá sé de chómhartha air gur fearrde sinn san. Bliadhain thuarthach go maith seadh í go dtí so: de chuma uirthi go mbeidh toraidhe maithe sa bhfóghmhar ann.

thuas: *d.bh.* anáirde, in áit is aoirde os chionn; ar neamh; curtha ina sheasamh; níos uachtaraighe. Ní bhfaghaim thíos ná thuas iad, an rud adeirid anois ní hé adeirid airís: ní féidir liom iad do thuigsint in ao'chor. Bhí an ré is na réalta thuas, níor chlos fuaim tuinne na trágha: ar an spéir. Nuair osclóchadh an bhéidreach mhná san a béal ort ní fhágfadh sí

thíos ná thuas ort é: níl aon teóra leis an íde béil a thabharfadh sí ar dhuine. Nuair ránguigheann linn bheith thuas ní chuimhnighimíd choidhche ar bheith thíos: ní mhothuigheann an té a bhíos go maith as an bochtán. "A Dhia atá thuas nách truagh leat duine dem chás/ i mainnséar fuar is nách múr go bhfeicim an lá": os mo chionn: ar neamh. Ós ag an té atá thuas is fearr atá a fhios: Dia. Tá an fear thuas buidheach de is a rádh gur thug sé na cosa leis ó chonntabhairt mar í: Dia. Mara mbeadh an diabhal a bheith thuas ort ní bheifeá ag síor-achrann lé daoinibh: greamuighthe ort: cómhacht a bheith aige ort. Bheadh a fhios agat cad é an saghas máthar céile í dá mbeadh ort í do shuidhe ar an dtaobh thuas díot i rith do shaoghail: buannacht is bainistighe cóimhthighis do bheith aice. Sin é saghas é, budh mhaith leis suidhe ar an dtaobh thuas i gcómhnaidhe: i dteideal tighis, etc. Is mó bheidh thíos leis ná thuas leis, ní dheárna achrann maith riamh: a bhéas caillte ná buaidhte. Fan thuas an staighre: anáirde: i seómra nó ar an lochta os ar gcionn. Thuas ameasc na gcnoc gheóbhfá an chraobh: ar thalamh is aoirde ná an áit go labhram. An bhfeiceann tú thuas é cois na teineadh?: in ionad achar ón ndoras nó ó íochtar na cisteann. Thuas ar bharra na faille, an chnuic, sa spéir: os ár gcionn. Ná fuil an doras, tigh, crúidhte, cnaipe, etc. thuas fós?: tógtha, curtha in ionad, fuaighthe, greamtha, etc. etc. Ní túisce bhí na seólta thuas aca 'ná sheóladar: árduighthe: anáirde. Cheannuigh sé an capall ráis, ach tá sé thuas airís aige: tá sé dulta i gcois a mhargaidh: diúltuigheann sé díol as. Beidh stoc thuas go maith an t-aonach so chughainn: an luach árduighthe. Níl aon neart ar an mbuadhairt ach éirghe thuas air: buadhachtaint air: é do mharbhadh lé foidhne. Mar tá ráidhte thuas agam sa chúnntas so: níos túisce: cheana. Ní bheadh Dia thuas gan é seo do thárlachtaint: ar neamh. Pléidhfear sa chúirt thuas an chúis: cúirt is aoirde. Gluaiseann na heitealláin lastuas des na scamallaibh: ar an dtaobh eile os a gcionn: níos aoirde 'ná iad. Tugtar aire don gcois thinn sin ar eagla na faghála thuas: ar eagla go scaipfeadh an cheasnaidhe anáirde (tímcheall an chroidhe?) mar a mbeadh sé níos conntabhartaighe ag an othar.

tuasaid: *b.2.* achrann, clampar, callán. Na scamaill i dtuasaid, déanfaidh sé lá air: ag bailiughadh go trom is ag bualadh ar a chéile. Bhodharfadh an tuasaid a bhí ar fuaid an tighe thu nuair bhris an teine amach, gach éinne ag béicigh is ná feadraidear cá rabhadar ag gabháil: an gleódh is an callán. Ceólán diabhail atá ann, níl aon áit go mbeadh ná go leanfad tuasaid é chómh dearbhtha is tá biana ar bhata bacaigh: clampar, achrann: míoshuaimhneas.

tuasaideach: *a.* clamprach, callánach, achrannach, gleódhach. Na tonnta tuasaideacha ag borradh, ag briseadh is ag béicigh: suaidhte, corruightheach. Budh dheacair dom mo leas do dhéanamh is smaointe tuasaideacha ag gabháil dem aigne: suaidhte: corruightheach. Máirt Inide nuair bhíodh na sluaighte bailighthe ar an mbaile beag tuatha so tímcheall póstaidheacha, ag rinnce, ag ól 'sag amhrán budh thuasaideach an cóimhthionól iad: gleódhach: tranglálta. Ní ró-mhaith an tuar an spéir thuasaideach san, scamaill throma, dhrochfhuadracha ag doirchiughadh an lae orainn: suaidhte: an-mhór trí chéile. Budh gheanamhail an guallaidhe i gcuideachtain é mara mbeadh é do bheith chómh tuasaideach nuair bíonn braon sa bhreis caithte aige: achrannach.

tuasaideacht: *b.3.* achrannaighe, ar aiste bheith callánach, suaidhte, buadhartha. D'aithneóchadh dall ar thuasaideacht na spéire nár bh'aon lá chun corruighthe ar aistear

ar muir ná ar tír é: na scamaill bhagarthacha, dhroch-fhuadracha a bhí ag gluaiseacht. Do thuasaideacht féin is bun léd ghortughadh dá leigtheá dhóibh leigfidís dhuit: do chlaonadh lé hachrann: tuasceartacht i gcuideachtain. B'éigean a raibh sa tábhairne do ruagairt lé n-a dtuasaideacht, bhí fuadar an achrainn ag teacht ar a nglór: gleódh is suathadh.

tuath: *a.* clé, ciotach, droch-fhuadrach, claon, saobh. Ó iompuigh sé ar an gcreideamh tuath, níor fhan meas ag éinne air: mí-cheart. Bíonn sé fuar go maith ag muinntir taoibhe tuaithe an chnuic sa gheimhreadh: iad so a longuigheas ar an dtaobh thuaidh de. Ar mo dheis ar mo thuaith tá mo namhada go líonmhar: ar mo láimh dheis is ar mo láimh chlé: im mórthímcheall. Thug sé súil thuath orm, go léighfeá urchóid go soiléir: droch-fhuadrach: droch-thuaramhail.

tuath-: (**tuaith-**) *i gcfbh.* tuathalach, aindeis, clé, tútach, neamh-mín, urchóideach. Féach rómhat, is ná déin do thuaith-bheart, b'fhéidir duit do bheith in aithreachas: gníomh ceann-uaiscneach: gan rothag. Is furaiste dhúinne anois a thuaith-bheart do chasadh lé Peáirnéil: tuisle lé chéile fir eile. Tar éis gach tuaith-bheart chidhtear gach deagh-bheart: tar éis an ghnímh lochtaigh bhíonn an fios go léir againn. Bhí an t-ím ró-fhada ar an bhfarraige is bhí tuath-bholadh uaidh ná féadfaí a bhlas: lobhtha: gránda. Ní thaithnighid mo thuaith-bhéasa lé lucht so na cathrach, nílid mín a ndóthain dóibh: ná fuil slachtmhar ná galánta. Ní mór an gnóth ag fear tuaith-chéirde cur chun saothar muirearaigh: ná beadh mórán eólais ag baint leis. Táir ró-thuaith-chleasach dómh-sa chun aon bhainte do bheith agam leat, ní bheifeá ionraic liom: cam-ghlic. Tuaith-chleasa an chait leis an luich agat liom é: mealltach, cealgach. An tuath-chúnntas a thug sé dhom ar an nidh a thárla ní bhfuaireas tóin ná ceann leis: aindeis, doiléir. Na tuaith-dhlighthe a ritheadh chun na ndaoine do chongbháil fé chois scannróchaidís duine ina chroiceann: lán-dhiana: nár chuibhe aon bhaint do bheith lé n-a mbriseadh. Moladh agus buidheachas lé tabharthas Dé nách tuaith-dhealbhuighthe an duine bocht é, féach an cor ina bhéal is ina ghéaga casta: aimlidhthe. Sin é an tuaith-dhícheall atá déanta aige, níl oiread is ionga chun cinn: ar a dhícheall ach ceal eólais air. Ní oireann a thuath-chainnt dóibh seo a tógadh sa chathair, níl sí béasamhail go leór dóibh: gnáth-chainnt gan deismireacht. Táir ró-thuaith-chneasta leis an leanbh, ní hiongadh é eagla do bheith air rómhat: neamh-chneasta. Fan uatha, tuath-chuideachta dhuit-se iad so: daoine ná hoireann duit toisc thu bheith ró-mhín dhóibh. Níl aon fhocal a labharfá ná go mbainfeadh sé tuaith-éifeacht as: ciall olc seachas an rud do mheádhfá. Bíodh muinghin t'anama as, níl aon tuaith-intinn ag baint leis: tá sé deagh-aigeanta. Ní maith an earra é, dá mbraitheadh sé airgead agat, thiocfadh tuath-dhúil aige ann: bheadh fonn air é do bheith aige dá mbeadh, is go mbeadh air droich-bheart do dhéanamh ar son a fhaghála. Dá bhfanadh sé fada, bog, réidh is gan tuaith-eitim do thabhairt bheadh breis dul aige ar éirghe leis ná mar bhí: iarracht aindeis. Níl binneas ná ceól im dhréacht, níl ionam ach tuaith-fhile: neamhshlachtmhar: neamhchliste. Ní theastuighim uatha, níl aca dhom ach tuath-fháilte: clé, neamhdhílis. Glac mo chómhairle is maoluigh, mo thuairim láidir go bhfuil tuath-fhuadar fút: go dtuarfair go holc. Má tá sé glic is tuaith-ghlic atá sé, barránach intseachna seadh é: glic le camasghail. Á, mhaise, is ionat istigh atá an tuaith-ghliocas gur deacair teacht uaidh: is iomdha lúb id bholg. Ní hé an duine tuath-labhartha is fearr do chur ar teachtaireacht: ná bíonn snasta as a theangain. An lá do shnaidhm sí leis an bpóitire sin do rinne sí a tuaith-leas, lá subháilceach ní raibh

aice ó shoin: a haimhleas. Duine tuath-lámhach i dtigh seadh me, nílim i ndán rud do dheisiughadh ná do shocrughadh: neamh-chliste, tuathalach. B'fhearr liom bheith geal, gléigeal ar fad ná tuath-mhaol: gan ruibe ar an dtaobh clé dem cheann. Beir i gceart ar do chuid bídh, ná bí chómh tuath-mhúinte sin os chómhair na ndaoine: ceal béas. Mear di, adeirir, tá súil agam ná fuil sí tuaith-mhear: malluighthe: an iomad sreanga innte. Níor mhaith liom bheith ag éisteacht leis nuair bheadh fearg air, bheadh sé tuaith-mhín as a theangain: borb. Cailín tuath-náireach atá innte, ní osclóchadh sí a béal choidhche i gcuideachtain, ná ní braithfí í ach oiread: an-thámáilte. Rinneadar tuath-óinseach cheart di, do mhealladar an uile phingin dá raibh aice lé bladaireacht uaithi: ceann críochnuighthe. Ní labharfadh sé chómh neambéasach san mara mbeadh an tuath-oileamhaint do tugadh air ina óige: tabhairt suas aindeis. Bíonn an taoide chómh láidir cas san ag rith idir an dá oileán go mbíonn tuath-phuill ann a shloigfeadh bád nách mór: puill guairneáin. Dréir an chreidimh Chaitliocaidhe tuath-phósadh ar leánamhain Caitliocaigh seadh aon phósadh ar an dtaobh amuigh den eaglais: neamh-dhleaghthach. Ar an slighe aimlidhthe go bhfuilir ghá chur rómhat an cheist sin d'fhreagairt is léir ná fuil fachta agat ach tuaith-theagasc: múineadh clé: ná fuil cruinn ná cliste. Éist-se, níl agat ach tuath-úghdarás, ní heól duit cad is ceart duit do rádh: úghdarás mí-cheart. Maran féidir aon rud as thuaith-threabhachaistidhibh na hÉireann éirightear as lucht na mbailte móra.

tuath: *b.2. & 3.* treabh nó dream daoine a longuigheas i gceanntar nó i líomatáiste áirighthe; na gnáthdhaoine; an talamh a shealbhuighid; líomatáiste oscailte ná bíonn tógtha air mar bhíonn i mbaile mór. Tuatha Dé Danainn: na treabhacha a lean nó a bhí fé thearmainn na ban-dé Dana: go raibh draoidheacht ag baint leó. Cómhnuighim ar thuaith an Daingin fén dtír tamall uaidh: in áit éigin ar an slios go mbíonn túirleang lucht a áitighthe ar an mbaile mór san. Baile go bhfuil tuath mhór fhairsing aige seadh Tráighlí: líomatáiste fhairsing gan aon bhaile mór gnótha eile uirthi chun trádála leis seachas é. Tabharfaidh an tuath go léir a nguth dhuit pé rud a dhéanfaidh staigínidhe an bhaile mhóir: muinntir an cheanntair lasmuigh den mbaile. Scaipeann cuid mhór de lucht na cathrach fén dtuaith ar a saoire: amach fén ndúthaigh ós na sráideannaibh. An Cnuicín Fraoigh a chúm an Connchabharach Séamas Bán tá sé ar an amhrán tuaithe is breághtha againn: a ghluaisfeadh os na gnáth-dhaoinibh. Beatha sagairt seadh í go bhfuil tuath mhór fúithi: mórán bailte fearainn innte: ceanntar fairsing. Bleaigeárd sráide nó scoláire tuaithe: eatartha féin atá sé lé holcas. Idir chléir is tuaith táid ar mo thaobh: gach nduine. Tugadh baiste tuaithe orm mar ceapadh go bhfaghainn bás sara mbeireadh an sagart orm: baiste úrláir. Imthigh fén dtuaith: téighir amach fén dtír as chathair nó baile. Táim in imigcéin gan tuath gan tír: gan daoine ná dúthaigh go mbeadh buannacht aca orm.

tuata: *a. n-dh.* aindeis, clé, neamhshlachtmhar, neamhshnasta, neamh-mín; ag baint leis an dtuaith. Budh thuata leis mar bhíos ag obair, is chuir sé chun siubhail me: níor thaithnigheas leis toisc a neamh-deas-lámhaighe bhíos: aindeis, neamh-shlachtmhar. Thar éis an tsaoghail obair thuata seadh claidhe do thógáil, ní mór den gcéird is gábhadh chuige: obair nách call slacht chúiche. Daoine tuata mar sinne ná raibh cao aca ar mhórán léighin ná eólais ní ceart do bheith dian orainn: rústach: neambéascnach. Is baoghalach ná hoireann mo bhéasa tuata do lucht baile móir: gnáth-bhéasa na tuaithe.

tuata: *f.4.* duine neamh-eólgaiseach; lábánach, duine tuaithe, rúcach, rústach, scológ. Cá bhfuil gnóth tuata boicht mar mise ameasc daoine cliste mar sibh-se: duine ná fuil eólach ar an rud a bhíos i dtreis. Connus d'fhéadfadh tuata mar mise dul chun cainnte lé scoláire mór?: duine ná fuair scolaidheacht ná leighean. Mac an tsaoir adhbhar an tuata: ní gnáthach buaidh nó clisteacht do dhul dréir dúthchais. Do thuata tuigseanach is ceannaidhthe an saoghal: an scológ go mbíonn tuigsint aige bíonn sé aireach ar gach éinne ar eagla bob do bhualadh air. Bíonn aigne bhuadhartha ag tuata tuigseanach: an té go mbíonn tuigsint na nádúra ann agus fós go mbíonn easbhaidh an eólais air is cruaidh an cás aige d'iarraidh rud do réidhteach: chidhtear do connus gan rud do dhéanamh ach fós ní feictear do connus a dhéanamh. Tuata tuisgeanach nó tuathalán láidir: 'e cheal a malairte siad tánaiste iad. Tuata i ngníomh 'san úrlabhra seadh thu: ní maith is féidir leat rud do rádh ná do dhéanamh. An tuagh i láimh an tuata an peann do thabhairt domsa ná raibh riamh ar scoil: ag tabhairt fé rud gan deallramh.

tuatach: *a.* aindeis, neamh-éascaidh, neamh-shlachtmhar, neamh-eólgaiseach. Is tuatach an tsamhail do bhreac sé dhíot, níl aon chosamhlacht innte: aindeis: drochthairngeóireacht. Ná beir chómh tuatach san ar an gcainnt, budh dhóigh lé duine nár chualaís focal líomhtha riamh ó neach: neamhghasta: neamhchliste. De dhuine thuatach mar é nár chaith pioc dá shaoghal lé leabhar ná lé peann, deir sé rudaidhe maithe: neamh-fhoghlumtha. Ná bí tuatach léi, bí ceannsa, agus is mó a bheidh dá chionn agat: neamh-mín: stuacach. Níor airigheas riamh thu ach tuatach i ngníomh is i mbriathar: neamhshlachtmhar.

tuatach: *f.1.* lábánach, codramán, rús, daoi, oibridhe gan eolas, fiathlach. An té a thaisteal is a chonnaic rud is furaiste dho méar do chur fé shúil an tuataigh nár chorruigh ó bhéal a dhorais féin riamh: duine tuaithe ná fuair cao ar eólas do chur ar rud. Ar nós an tuataigh nár dhein aonnidh riamh i gceart: duine gan eólas aige ar connus cur chun ruda. Ní cuideachta dhom thu, níl ionat ach tuatach, nách fios do dhuine cad budh cheart do do rádh leat: duine ná bíonn sé de dhúthchas ann ná de thabhairt suas do bheith mín. "Tá sé láidir, teann" – "tá, tuatach": talamhaidhe.

tuatachán: *f.1.* duine tuaithe, ablálaidhe, aindeiseóir, duine mío-thaithneamhach. Níor chuir an tuatachán riamh a lámh in aon rud ná laitfeadh sé: ablálaidhe. Tuatachán mná ná fuil cuma chóir ná mhín uirthe: neamh-thaithneamhach. Ní tuatacháin is fearr chun cúrsaidhe doimhne mar chogaidhe is poilitidheacht do thuigsint ach iad so a bhíos ag síor-léigheamh is ag déanamh staidéir ortha: duine gan eólas.

tuatachas: *f.1.* aindeiseóireacht, abláil, codramánacht, rústacht, tuaisceartacht. An leanfaidh an tuatachas choidhche thu?: an ndéanfair aonnidh i gceart choidhche? abláil, neamh-chlisteacht. Is annamh a tugtar cuireadh i gcuideachtain do, tá iomad tuatachais ag baint leis, níor chaoin a chómhrádh leó: níl an mhíne ná an oireamhnaidheacht iomchair ann. Ní thaithnigheann mo thuatachas lé muinntir na cathrach: béasa is slighe duine tuaithe.

tuataidhe: *a. n-dh.* do bhaint leis an dtuaith, saoghal. Connus fhéadfadh duine tuataidhe mar mise nár chleacht scian ná forc suidhe chun búird na n-uaisle: ná raibh taithighe aige

ar shlighthibh míne, béasamhla. De dhuine go raibh taithighe aige ar bhailtibh móra is ar chuideachtaidhibh connus chlaoidheann sé anois leis an saoghal tuataidhe: saoghal iargcúlta fén dtuaith.

tuataidhe: *f.4.* duine neamh-eólgaiseach, an gnáth-dhuine. Tagann an chathair is a slighthe crosta ar dtúis ar an dtuataidhe: an duine ón dtuaith ná bíonn eólas aige uirthi. Sé an áit go ndeárna sé an dearmhad gur taidhbhsigheadh do go dtuigfeadh an tuataidhe ar an gcuma do thuig sé féin: an gnáth-dhuine.

tuatáil: *b.3.* aindeiseóireacht, lapadáil, pócáil, gliúmáil. Leag sí an lampa lé n-a cuid tuatála is chuir sí an áit trí theine: neamh-aicillidheacht. Cad tá agat dhá lorg go bhfuil an tuatáil go léir sa chófra san?: ladhráil is cuardach.

tuathal: *f.1.* ainm fireannaigh duine. Inis (tulach) Tuathail: Éire. Lorcán Ó Tuathail: an naomh. Chonnac Caisleán Uí Thuathail is an Tuathalachán féin, Murchadh nó an tor budh ghiorra dho: scaras go maith leis: ní raibh ach a rádh gur thugas na cosa liom.

tuathal: *f.1.* iompódh ar chlé, ó thuaidh, mí-threó, an taobh clé, mícheart (d'éadach etc.); tuaiplis, an rud aindeis, mí-cheart; gníomh nó cainnt bhotúnach, as an ionad, alt, etc.; i gcoinnibh threó na gréine nó ghluaiseachta an chluig, ó dheis go clé. Ní dheaghaidh an tuathal amudha ar éinne riamh: an rud mícheart do dhuine gan eólas is fusa do dhéanamh agus is gnáthaighe leis. Cas ar dtuathal an meadar tamaill lastuas isteach síos chughat agus laistíos suas amach. Is gnáthaighe rud do chasadh ar deiseal ná ar dtuathal: chun taoibh na láimhe clé. Fear piseóg dob eadh é, agus chuir sé a chasóg ar dtuathal air ag imtheacht abhaile ist oidhche dho, chun é do chosaint ar phúcaidhibh: d'iompuigh sé an taobh istigh amach di. Níor imthigh an tuathal riamh uaidh, tá tuaiplis eile déanta aige, caithfear na cártaidhe do phoc is do scughadh airís: rud corr do dhéanamh leo: gan iad do riar ina gceart. Toisc mo chinn do bheith fúm ró-fhada, nuair thógas é bhí gach aonnidh istigh ag casadh mór dtuathal, tháinig an oiread san meadhbháin ann gur cheapas go raibh an talamh is gach aonnidh air ag casadh im thímcheall. Seachain thu féin air, feall ar iontaoibh atá ann, thabharfadh sé cor tuathail duit chómh bog agus d'fhéachfadh sé tharais: mealltach. Ná déin aon bheart ar tuathal is ní bheidh milleán ag neach ort: ar chuma nár cheart duit. "Cuirfead cor tuathail id mhuineál", ars an té go raibh fearg air: casfad tímcheall go gráineamhail é. "Gach nidh ar deiseal ach an tseisreach ar dtuathal": ar thaobh na láimhe is córa í do chasadh ag teacht tímcheall, toisc ionaid an chláir ar an gcéachda. Is é an ceann tuathail den scéal atá agat: nílir tagtha chun a innste mar budh cheart. Níl aon oidhre anois air agat ach rud a bhíodh síos suas agus an taobh tuathail amach: gan aon rian air den gcuma budh cheart do bheith. "Ceapaim gur mar sin budh cheart do do bheith" – "ceapann tú an tuathal": an rud mí-cheart. Mara mbeadh an tuathal do bheith ag baint leat ní thabharfaí tarcuisne d'éinne gan chúis gan adhbhar: ceal míne: óinseamhlacht. Is minic adubhart rud lé tuathal: ceal aicillidheachta an nidh ceart do rádh. Rinne na franncaigh cill tuathail den stáca, na pléascáin den mbaile etc.: bhriseadar is bhrughadar is réabadar é. Thugadar an tuathal dom an rud is fearr atá ar eólas aca: tuaisceartacht agus mí-bhéasa. "Cad as é?" – "ó Pholl Tón Tuathail": as áit iargcúlta go mbeadh a aghaidh ó thuaidh. Bhíos chómh greamuighthe teanntuighthe sin ná féadfainn iompódh ar deiseal ná ar dtuathal: aon chor do chur díom. Ar dtuathal a castar an téadán

ruaimnighe: ar chlé do cuirtear na cuir air. Ní fheadair éinne ach an méid atá dhá fhulang agam ó iongain thuathail atá agam: atá ag fás isteach.

tuathalach: *a.* aindeis, tútach, ciotarúnta, liobarnach, mí-cheárdamhail, neamh-shíbhialta, mío-chúmtha, neamh-éascaidh, ar chlé. Ná bí tuathalach anois, glac lé babhta grinn mar dhéanfadh éinne: tógálach: neamhfhéicheamhanta. Is cuma leis cad déarfadh sé ní chuirfeadh sé aon fhiacal ann, duine tuathalach ar fad seadh é: duine ná bíonn aireach ar cad deir sé nó ná feadair a mhalairt. Dá mairfinn a fhaid eile ní fheicfinn neach is tuathalaighe chuireann chun scríobhnóireachta 'ná é: is aindeisighe: is neamhshlachtmhaire, is neamh-cheárdamhla. Ní fhéadfá cainnt budh thuathalaighe do tharrac chughat chun mná aimride ná an subháilceas atá clann do bheith ar an dteinteán agat: neamh-oireamhnaighe. Is tuathalach do shuidhir chun búird: ar chuma ná fuil caoin ná béasamhail. Sin í an bád is tuathalaighe crota dá bhfeaca, ní bheadh a fhios agat ar bh'é a deireadh nó a tosach do bheadh agat: is mío-chúmtha. Nuair loirgeas mo chuid airgid air, in ionad é do thabhairt dom is amhlaidh do bhí sé go muiniceach, tuathalach: suaithinseach, mí-bhéasach. Nách tuathalach d'éirigh sé dhuit 'e bhreis ar éinne eile ná raibh a fhios agat cá ngeóbhfá is gach aon rud leis chómh réidh rómhat: aindeis, neamh-chruinn, neamh-eólgaiseach, dall. Congaibh agat féin an púnt san, is mó d'oirfidh sé dhuit 'ná dom-sa, bheifeá an-thuathalach dhá cheal: ní bheifeá in ao'chor ar do dheis gan é. Ní fhéadfainn aon mhargadh do dhéanamh leis, tá sé ró-thuathalach: duine é ná faghfá lé míne: gur deacair so-chainnt do dhéanamh leis. Ná déin an císte chómh tuathalach san: ná cuir chun a dhéanta chómh neamhshlachtmhar. Níl aon ghnóth ag freasdalaidhe tuathalach ar an dtaobh istigh de chonntabhairt nuair bhíonn brughadh rochtairidhe ag brath air: ná beidh pras chun an ruda a bhíos dhá iarraidh d'fhagháil.

tuathalacht: *b.3.* abláil, botúntaidheacht, liobarnacht, aindeise, mí-iomchar, mí-bhéasamhlacht, ceanndánaidheacht, ciotarúntacht. Cá ngeóbhadh an tuathalacht? téigheann sé agus beireann leis páipéar an lae indiu!: deineann a bhotún trí neamh-aire nó neamhchruinneas an méid sin feasa do bheith in easnamh air. Baineann sé ceann na méire dhe féin leis an gcasúr trí n-a thuathalacht: a aindeise bhaineann sé áis as. Ní raghadh a oiread den dtuathalacht uaidh gan teacht treasna orm díreach is me ag cainnt ar a shon: ciotarúntaidheacht: an ceal gastachta fanacht ina thost. Dá labharthá go cneasta, lághach leis gheóbhfá uaidh an rud a bhí uait, ach ní leigfeadh an tuathalacht duit gan bheith béal-teann leis: ceanndáine chiotarúnta. Ní bhfaghadh sé obair in áit ar bith lé n-a thuathalacht, níor bh'aon mhaitheas rud do theasbáint do nó a chur ar a shúilibh, níor bh'fhuláir leis an rud mícheart do dhéanamh: a aindeise chun ruda do dhéanamh ina cheart. Beir go deas pras air agus cuir uait an tuathalacht: an aindeise agus an neamh-chruinneas. Budh mhór an truagh a tuathalacht, mar tá croidhe mór aice: a liobarnaighe is aindeisighe a néann sí nó deireann rud.

tuatálaidhe: *f.4.* aindeiseóir, ablálaidhe. Choidhche ní fhéadfadh sé aon obair chanta do dhéanamh lé n-a mhéireannaibh, tuatálaidhe ceart seadh é: aindeiseóir nách eól do a mhéireanta do chur chun críche. Tuatálaidhe cléirigh ná beadh céad leitir deascuighthe i rith an lae aige: cléireach an-aindeis lé n-a ghéagaibh.

tuathalán: *f.1.* aindeiseóir, duine ciotarúnta nó liobarnach lé n-a theangain. Ná fág fén dtuathalán san labhairt, déarfaidh sé rud éigin as an slighe, níl aon ghreim ar a theangain aige: duine ná fuil sé de chruinneas nó de ghaois ann an rud ceart do rádh. Mór an nidh do thuathalán bheith láidir: pé dearmhad nó botún a ghníos sé is féidir leis dul i leith a nirt: treabhfaidh sé ar chuma éigin. Dá mbeinn ghá mhúineadh go gcuireadh Dia fios orm budh thuathalán, im dhiaidh é: duine ná féadfadh aon rud do rádh ná do dhéanamh i gceart ná ar an am gceart. Ní hé an tuathalán é a chuaidh lé n-a chéird chúig bhliadhna ó shoin: duine glas ar gach aon rud a tugtaí dho lé n-a dhéanamh. Ní tuathalán ar an bpeann é, is maith líomhtha an chainnt í sin ar an bpáipéar uaidh: duine ná féadfadh líomhthacht ná snas do bheith air.

tuatamhail: *a.* luardha, gráisceamhail. Níl agam ach an teanga thuatamhail, níl eólas ar fhilidheacht ná ar ughdaraibh agam: teanga chomónta na ndaoine. Bheadh dearmhad mór ar éinne a cheapfadh gur duine tuatamhail é siúd, tá eólas agus tabhairt suas i nganfhios air: duine mar an gcoitcheanntacht.

tuathamhail: *a.* ag baint leis an dtuaith, luardha, tuaisceartach, rústach. Ní thaithnigheadh mo bhéasa tuathamhla leó súd go raibh tabhairt suas is oileamhaint an léighin ortha: a bhain leis an gcoitchiantacht ná raibh aon bhéascnadh ortha seachas an nádúir. B'fhearr liom aon lá an bheatha thuathamhail ná gleódh is gleifearnach, soillse is siamsaidhe do chuid cathrach: mar atá fén dtuaith. D'aithneófá ar an dtoirt nách ón gcathair do ar an gclódh is an t-éadach tuathamhail a bhí air: mar bhíonn fén dtuaith.

tubaiste: *b.4.* mí-sheól, iomard, aindeise, dochar, clampar, mío-ádh. Cad d'éirigh anois do? tá an tubaiste riamh air: mí-sheól éigin. "Níor buaileadh buille na tubaiste riamh air go dtí so", lé duine go n-éirigheann matalong do a ghoilleas go trom air. Le leanbh crosta, "tá an tubaiste (riamh) ort (is beidh choidhche)": an mío-ádh ná fuil aon chao agat air gan bheith ag déanamh rud as an slighe. Níl aon chiall aige, tá an tubaiste chun ólacháin air: an mío-ádh: níl teóra ná cuimse leis. Níl aon dul as agam - srathar na haindeise ar chapall na tubaiste: síor-aindeise ar an té nár scar an mhío-ádhmharacht riamh leis. Cuimhnigh, dá fheabhas a bhíonn duine ar a aire is a sheachaint féin, go mbuaileann an tubaiste i lár an bhóthair leis: go n-éirigheann an mí-sheól do dá fheabhas a bhíonn ghá aire féin. "Tuille den dtubaiste chughat", deirtear lé duine go n-éirigheann iomard do is ná beadh aon truagh agat do. Is tú mac na tubaiste, níor cheart d'éinne bheith id bhóthar: duine a thairngeóchadh an mío-ádh ar a chuideachtain. Tá an tubaiste air lé héitheach: níl aon teóra leis an méid éithigh a inneósadh sé. Cos leat ní fhéadfá do chorruighe, bhí an tubaiste ar an lá: é go huathbhásach lé n-a olcas. "Dá mhór-thuille na tubaiste air! nár thug aire dho féin, maran air a bhí an teasbhach": lé duine go n-imtheóchadh iomard air trí neamh-aire nó sáthadh gránda do thabhairt do féin thar chrois a chómhairlighthe. Buaidhfidh mara n-éirigheann tubaiste do: mí-sheól: cinneamhaint. Bhí an tubaiste lé saoire ar chaoiribh indiu, bhíodar ag imtheacht ar mhargadh an tsean-chorcáin: níor bh'fhiú an luach a bhí ortha d'áireamh. Níl aon mhádh a bhí agam ó thosnuigheas ar imirt ná gur buaileadh, nách me Seán na tubaiste!: fear an mhío-áidh. Nuair imthigh a dhubhán uaidh, ní dubhairt sé ach "tubaiste chughat (leat)": an mío-ádh id bhóthar. Má tá súil coirighthe aige moth na tubaiste air féin: air féin go dtagaidh pé díth a dhéanfadh a shúil don té go mbeadh sé ag maoidheamh a choda air. A bhuidhe lé Dia nár éirigh aon tubaiste

riamh d'aon chnámh liom: dochar: díth: cinneamhaint. Dá mhéid an tarcuisne do thug sé dhom an tubaiste focal adubhart leis: aon fhocal fé bhun Dé. An tubaiste pingin do thabharfainn do, mar nách fiú faic é: ní chuimhneóchainn ar chabhair do thabhairt dho. Tubaiste m'fhiafruighthe orm-sa má chuirim aon cheist choidhche airís ort: mío-ádh an neamh-thor orm: tabharfad aire dom chúram féin. Bíonn an tubaiste ar fad ar an dtaoide ann nuair bhíonn an ghaoth ina choinnibh: bíonn sé go han-dhona: ar buile. Tá tubaiste éigin ar an gcois is a rádh ná féadfadh sé í do chorruighe: rud éigin as alt. Dá mbeadh sé den tubaiste ort méar do bhualadh air sháidhfeadh sé thu: mío-ádh: mío-thapaidhean. Go gcuiridh Dia tubaistidhe na bliadhna thart, is maith do theastuigh an ball éadaigh sin uaim: iomard is breóidhteacht. D'fhógair sé chun na tubaiste ar bhain liom: ghuidh mío-ádh is donas dóibh. Chuireas dhá mhaide breise sa bhád ar eagla tubaiste: ar eagla go mbrisfí ceann nó dho orm. Déanfaidh an oidhche anocht tubaiste, ar an imtheacht fiadhain atá fúithi: díoghbháil is dochar.

tubaisteach: *a.* cinneamhnach, mío-ádhmharach, díoghbhálach. Nách tubaisteach d'éirigh sé dho tuiteam anuas an staighre is baic a mhuiníl do bhriseadh i gcorp an lae: cinneamhnach: mío-ádhmharach. Ní dhéanfadh aon rud ar an dtalamh é do chur ar lár ach buille tubaisteach ar leithrigh: millteach. Cá bhfuil an té is tubaistighe chun ólacháin 'ná é, bíonn sé ar meisce an uile lá: is measa, is mó go bhfuil iomard air chun bheith ag ól. Is an fear annso is tubaistighe chun ban é: is mó a bhíos ghá n-éileamh. Dréir na bpáipéar b'é an gála budh thubaistighe dár shéid lé leath-chéad bliadhain é, d'fhuaduigh is scrios ar a bhealach roimis: budh mhilltighe. Seachain tú féin ar mo bhéal tubaisteach nó má leathaim ort é ní fiú trí leathphingnidhe im dhiaidh thu: millteach: léir-scriosamhail. Is tubaisteach an t-ionsaidhe do thug sé dhom ar an bpáipéar: marbhthach: nimhneach. Nách tubaisteach na méireanta atá ort ná féadfá aon rud do dhéanamh i gceart leó: aindeis. Nách tubaisteach gur rómhat-sa bheadh an poll is nách roim neach eile dhíobh: mío-ádhmharach.

tubaisteacht: *b.3.* mí-sheól, mío-ádhmhaireacht, aindeisidheacht. Níl aon ghearán ná go dtagann air, lé n-a thubaisteacht ní gheóbhadh aon rud tharais: mío-ádhmhaireacht: é bheith de dhán air. Creid uaim-se go leanann an tubaisteacht fear na ragairne: go mbíonn sé do shíor fé léith na cinneamhna nó iomard éigin do thárlachtaint do.

tubaisteóir: *f.3.* duine go leanann an aindeise nó an tuathal é; botúnaidhe, clampaire. Tubaisteóir mná nách fearrde aon fhear a ghníos a coidreamh: clampaire: bean a thugas aimhleas ar dhuine. A thubaisteóir, féach cad tá déanta anois, tá an t-inneall briste agat: duine nách mór go bhféadfadh baint do bheith aige le rud gan a dhíoghbháil do dhéanamh. Bheinn ag baile go luath san oidhche mara mbeadh na tubaisteoiridhe a bhuail liom, gur fhanas ar ragairne leó: dream leadránach, ná leanann righe ná rath do bheith ina gcuideachtain. Ní raibh aon leigheas ag an dtubaisteóir air, is é do bheith ar a chroidhe díchill ní fhéadfadh sé an achain do sheachaint: go leanann an chinneamhaint é. Tubaisteóir ceart i dtigh tábhairne seadh é, ní thugann éinne na cosa uaidh gan é do bheith ag cur isteach ort: fear toirmisc.

tubaisteóireacht: *b.3.* toirmeasc, botúntaidheacht. Téighir in áit éigin eile anois léd chuid tubaisteóireachta, suaimhneas atá uainn annso: cainnt nó feádhanna budh bhun achrainn.

Cad é an tubaisteóireacht a bhíos ort nách féidir leat aon rud do dhéanamh mar budh cheart: futaráil. Tá an tubaisteóireacht riamh it earball, ní fhéadfá fanacht socair is do dhícheall do dhéanamh: d'iomard ort det aindeóin.

tubaistidheacht: *b.3.* botúntaidheacht, cinneamhaint, mío-ádh. Féach mar dhoirtis an deoch bhríoghmhar, nách ort a bhí an tubaistidheacht: botúntaidheacht trí mío-aire. Shleamhnuigh an cárta uaim lé tubaistidheacht, cuireadh im leith gur lém thoil é: de dheascaibh botúin nó cinneamhna ná raibh aon leigheas agam air.

tuflais: *b.2.* díombail, trufais, triosc, dríodar, roithleach, bruscar, sceanairt, drabhfhuigheall. D'fhear go raibh deallramh air is a thoghfá roim chéad ní raibh ann ach tuflais dhuine: duine meathta. Fuaireas a lán den bhiadh uatha, is me fuair – an tuflais: an dríodar. Ní íosfadh na muca an tuflais sin: an dríodar bídh sin. An té ná déineann a ghnóth go slachtmhar, críochnamhail leanann mórchuid tuflaise é: roithleach.

tugaim: *b.a.* bronnaim nó dáilim ar, malartuighim ar, díolaim as, géillim, soláthruighim, deirim, admhuighim, foillsighim, claonaim, dírighim, caithim, sínim chun. "Tabhair dúinn indiu ár n-arán laetheamhail" (Matha VI. 11): bronn orainn: tabhair dúinn mar thabharthas. Thabharfainn chúig bhliadhna dhem shaoghal ar aon amharc amháin d'fhagháil ar mo thír dúthchais airís sara bhfaighead bás: ghéillfinn, stríocfainn an méid sin. Tabhair dom amharc d'fhagháil ort: deón dom: lamháil dom. Ná tabhair do bhreith ar éinne: ná tair ar aigne áirighthe i dtaobh beart chách. Dhá dtrian duit-se agus an trian eile domh-sa tugann san dhá phúnt dom: sin é a thoradh dhómh-sa as. Ná tabhair tarcuisne easonóir d'éinne: ná labhair iad. An té a thugas a aigne ar ghadaidheacht ní féidir a chosc: a chlaonas a aigne. Tabhair dom do lámh: sín chugham í go mbeiread uirthi. Mara dtugair ní bhfaighir: mara mbír fial, carthannach ní bheifear amhlaidh leat. Go dtugaidh Dia dhuit go mbeidh foidhne agat: go mbronnaidh Sé an buaidh sin ort. Cad thugais ar an dtigh sin?: cad é an luach a dhíolais as? Níor chuala thu, cad thugais orm?: cad é an ainm? Tugtar meisceóir ar dhuine a bhíos ag ól thar cuimse: sin í an ainm do. Tugadh orm é do dhéanamh, ní raibh aon fhonn orm: chuir cúrsaidhe orm é do dhéanamh, a rogha agam nó uaim. Go dtugaidh Dia dhúinn go mbeiridh an Nodlaig airís fé mhaise orainn ar fad, is gach n-aon a ghoillfeadh ná a fhóirfeadh orainn: go bhfaigheam san mar thabharthas uaidh. Thug sé a lámh is a fhocal dúinn ná beadh sé i bhfad: gheall sé go diongmhálta. Níor thug an talamh san aon rud chóir riamh: ní raibh sé de thoradh air. Thug an t-ancaire sa ghála is caitheadh an long ar na carraigeachaibh: chaill sé a ghreim. Thug sé slánaidheacht leis an gcapall: chuaidh sé in urraidheacht go raibh sé mar mhol sé é. Thug mo dhrom lé meádhachtaint an ualaigh: ghéill cuid éigin des na snáithínidhibh lé strus. Thug an claidhe lé méid na fearthainne a dhein sé: scéidh sé: thuit sé i ngabhal a chéile. Níor thug an lá chómh maith agus bhí súil againn: níor chaith. Thug sé suas nuair chonnaic sé go raibh an lá ag dul ina choinnibh: ghéill sé. Níor thug sé ór ná airgead as an dtír leis, dá mhéid moladh bhíonn uirthi: níor iomchair. Thug an bhó an oiread bainne is gur chuir sí iongadh ar dhaoinibh: thál sí, crudhadh uaithi. Tugair tu féin ró-mhór ar leabharthaibh is ar scríobhnóireacht go ndéanfaidh bascadh dod shúilibh: claoidheann tú t'am agus t'aigne leo. Thug sé féin ró-mhór lé hobair, bhí rian air níor bh'fhada sheasaimh sé an cath: luigh sé ró-throm air féin: chuaidh sé thar a riocht. D'fhóbair go dtabharfadh sé fuil a chroidhe, mara mbeadh an dochtúir do thabharfadh: dhoirtfeadh.

Thug sé Dia go mbeadh m'anam aige: dhearbhuigh sé in ainm Dé etc. Thugas dhá iarracht ar é do shroichstint ach do theip orm: thástálas dhá uair. Thug an t-éan gor dos na huibhibh: luigh ortha chun na ngearrcach do theacht. Tugadh don scaothaire ar a dhá thaobh is ar a bholg é: ionsaidheadh go dian, fíochmhar é. Tabharfaidh duine éigin fós duit é, agus is maith atáir ag dul dhá cheal: smachtófar thu. Dá mbeinn ag dearbhadh ó shoin dho go rabhas ag innsint na fírinne do ní thabharfadh sé aon ghéilleadh dhom: ní chreidfeadh sé. Tabhair dot athair is dod mháthair onóir: bí féicheamhanta lé n-a dhéanamh. Cé uaidh gur thug sé bheith chómh gortach, sprionnlaithe?: gach éinne a bhaineas leis go raibh aithne agam-sa air bhí sé fial: gur lean an tréith ann é. Budh thruagh dhealbh é i gcruadhtan is ná tabharfadh neach fuascailt ná fóirithint air: ná raibh neach i mbun a chónganta. Tabhair aghaidh ar do ghnóth is ná bac thart an tuathalacht: bí aireach air: fair é. Ná tabhair failighe san anam pé rud eile a dhéanfair: ná leig i léig é, i ndearmhad. "Tabhair póg do chos an ghirrfiadh anois", lé duine nuair bhíonn a chao caillte go dona aige. Budh cheart dúinn bheith buidheach gur thug Dia cáirde dhúinn: go raibh sé foidhneach linn. Thug na táirngidhe is thuit an chrúdh: chailleadar a ngreim i gcrúib an ainmhidhe. Thug sé an tuile tharm, a leithéid de cháin chaille is achmhusán níor airigheadh riamh: fuaireas íde ghránda béil uaidh. Féach an íde do thug sé ar an áit idir throscán is rothaidhe caithte cill tuathail aige: an t-athrughadh clóidh gur bhun é leis. Fear é nár thug a chúl d'éinne riamh: d'iompuigh é: a theich uaidh lé heagla nó meathtacht. Is mairg thugann a shlán fé aon mar thug an Bhó Riabhach leis an Márta: tarcuisne do bheith aige dho. Thugas buille ar bhuille dho: mar bhuail sé me bhuaileas é, nó bhí gach ré buille againn. Cé thug fios duit?: cé chuir an gliocas go léir id cheann seachas éinne eile? Is mairg thugann droich-mheas don óige: ná cuireann chun breis thairbhe í. Tugann Dia caitheamh is fagháil do gach éinne: dáileann Sé san ortha: cuireann Sé sin ar a gcumas. Thugadar lé tuigsint dom go raibh sé chómh maith agam mo shúil do chur d'aon mhaitheas do theacht orm ón ngalar: chuireadar in iúil dom san. Níor thug neach fé ndeara é ag gabháil tríd an sluagh: níor tógadh ceann de. Cad thug fé ndeár(a) dhuit me do bhualadh?: cad chorruigh chuige thu?: cad é an t-adhbhar a bhí agat leis? Thar éis tamaill mhóir ag féachaint siar, siar thugas chun cruinnis long ag bun na spéarach: an rud do chonnac d'aithnigheas gur long é. Níl aon rud dá ndéineam ar an saoghal so ná go dtabharfam cúnntas ann ar an saoghal eile: go gcaithfeam do bheith freagrach. Thabharfainn grádh mo chroidhe dhuit: bheadh san agam ort lém thoil. Dá dtabharfaí barra bróige dho b'fhearrde é: é do bhualadh leis an mbróig. Ná tabhair aon iontaoibh choidhche lé mnaoi: ná leig dot aigne a mhachtnamh go mbeadh sí daingean, seasamhach. An dtabharfar chun creidimh choidhche é?: an gcuirfear iachall air géilleadh dár slighe-ne. Tabhair chun barra an choca anois nó beidh sé ró-árd: cuir barra air gan ró-mhoill. An dtabharfá chun céille é, an dóigh leat?: an gcuirfeá ina luighe air ciall do bheith aige? Tabharfar é sin chun tíorachais gan puinn duaidh sa deireadh, nuair thabharfaidh an saoghal is an aimsir ciall do: míneófar é. Tabhair do bhóthar ort, is déanfair do leas: déin do chúram féin. Lean ar an bhfuadar atá fút is tabharfair náire dhuit féin: beir féin mar bhun agat féin náire d'fhagháil. Ná tabhair taobh leis na mnáibh nó beir ina aithreachas: ná bí ró-cheanamhail ortha. Tabhair aire mhaith dhuit féin is ná bac mise: bíodh do ghnóth féin ag cur tinnis ort. Tabhair mar gheóbhair: an déanamh céadna leó a bhíonn aca leat. Is olc an déanamh a thug sé dá mháthair: ní raibh sé go maith ná go cneasta léi. Tugadh amach go bhfeacathas ann é d'fhonn na namhad do chur amudha: leathadh mar scéala air. Tugtar amach déirc ann uair sa tseachtmhain: dáiltear í ar na

bochtaibh. Tugtar isteach mórán éisc ann: tairringtear nó iomcharuightear. Tugadh an turus in aon lá amháin: deineadh an taisteal. Níor thugas turus Ghobnaitean lé deich mbliadhnaibh: ní dheaghas ar oilithreacht chun na háite 'na longuigheadh sí. Dá dtabharfá Éire isteach ina hórdlaighibh ní bhfaghfá ball chómh breágh leis: dá dtaistealófá. Thug an capall dhá thaobh an pharróiste isteach sarar féadadh breith air: ghaibh sé mórdtímcheall ar fad. Thug sé súil mhillteach ar an bhfear thall: d'iompuigh sé air í. Má thugas cómhairle dho níor thug sé cluas dom: mholas do cad budh cheart do do dhéanamh ar son a leasa ach níor éist sé liom. Tabhair a thoil do, múinfidh an saoghal meabhair do: leig do do dhéanamh mar is mian leis, etc. Tugadh an iomad dá cheann do i dtúis a óige: leigeadh do a thoil féin do leanamhaint. Tugann an fhuinneóg ó thuaidh: tá radharc sa treó san aiste. Ná bí ag féachaint ar an mbiadh, tabhair an bolg do: ith é. Thug sé an talamh dom: do leag sé me. Tugadh an taobh amuigh do nuair ná hiomcharóchadh sé é féin: cuireadh amach é. Ná tabhair mádh: ná caith ar bórd: ná himir. An rud ná tugtar as gheibhtear ann: ná hárduightear chun siubhail. Níor thug sé chun baile leis bheith chómh maith d'fhear liom-sa agus beir-se leat é sin anois: níor saoghaluigheadh leis é: níor dhual ná níor dhúthchas do é. Níor thugas mo theanga in am liom: ní rabhas pras go leór chun carbhaill do chaitheamh. Tiocfaidh tráth éigin ort agus ní thabharfair t'earball leat: béarfar i bhfoghail nó i ngéibhinn éigin ort. Is fada a thug sé a chosa leis sar ar rugadh air: a bhí saor: ag leanamhaint don bhfuadar a bhí fé. Thugas bliadhain fhada, dhíreach ann gan neach beó do bhualadh umam: chaitheas. Thugas saghas géilleadh dho: chreideas é ach ní har fad é. Thugas uaim a raibh agam is nuair bhí ceal orm ní bhfuaireas neach a thug dom: scaras lém chuid do dhaoinibh eile. Tabhair buidheachas do Dhia as a mhór-thabhartaistidhibh is a rádh ná rug an gála úd ort in aon áit chumhang: ofráil. Thug sé an léim is aoirde dár caitheadh lé fada: chaith sé. Thug m'alt preab ar léimeadh den gclaidhe dhom, táim bacach ó shoin: chorruigh sé as a ionad cheart. Thug mo chroidhe gean duit, a Mhairín: do bhronn: do scaoil ort é. Thug an dochtúir ó bhéal an bháis me: shaor sé me. Thugas mo chéad míle beannacht don nduine galánta: do ghuidheas dho deigh-mhéin mo chroidhe. Thug sé suas a bheart trí dhroch-shláinte: d'éirigh aiste. Tugadh suas chun báis é, ní théarnóchaidh sé an oidhche: sé tuairm gach éinne go bhfaghaidh bás. Tugadh suas iad chómh maith is tugadh clann éinne sa cheanntar, níor fágadh easbhaidh scolaidheachta ná oileamhna ortha: cothuigheadh iad is fuaireadar múineadh. Tabharfad suas fós an mhoill do dheineas: luthóchad breis i slighe is ná beidh aon rud caillte agam léi i ndeireadh dála. Tugadh síos san leabhar ar an gcuma atá ráidhte agam: breacadh: cuireadh. Bhí na buachaillidhe go léir ghá héileamh 'sí i mbéal a tugtha amach: ag teacht d'aois mná. Tabhair do mhallacht don té ná héisteóchaidh lé cómhairle a leasa uait: bíodh déistinn agat do, ní fiú faic a mhalairt é. Tabhair do ghrádh dod mhnaoi is do rún dod dhribhshír: leig leó iad. Ná tabhair aon rún do, tá sé ró-bhéal-scaoilteach: ná leig leis an rud a bhíos i nganfhios don saoghal ar t'aigne. Tabhair fuascailt ar an gceist seo dhom: mínigh dom í. Thug sé fúm lé n-a dhorn, ach theip air me do bhualadh: dhein sé iarracht air, etc. An dtabharfair fén dtigh anois?: an gcromfair ar ghluaiseacht fé n-a dhéin? An dtabharfá fé n-a pósadh?: an ndéanfá iarracht ar í do bheith agat mar mhnaoi? Thugamair amach fén bhfarraige: d'imthigheamair sa treó san. Thug sé fén gcnoc: d'imthigh fé n-a dhéin. Cheap gach neach go dtabharfaí daor é ar an bhfínéacht a bhí ina choinnibh, ach níor tugadh: gur bh'í sin an bhreith. Ón lá san a chonnac é ag goid agus an tslighe do rinne sé é tugaim suas do é: mo thuairm gur deacair a mháighistir d'fhagháil. Níor thugas chun mo chuimhnte in am é, mara mbeadh san chloisfeadh rud nár chualaidh lé fada: níor

chuimhnigheas air. Ar thugais an déanamh ceart ar na cártaidhibh?: ar roinnis i gceart iad? Connus bheadh aon chuid de fágtha, nár tugadh dos na madraidhibh é: fuair gach éinne a iarr é cuid de. Thugas fé n-a cheann: d'aidhmsigheas i dtreó an chinn é. Tugadh fé bhreith orm: deineadh iarracht ar mé do ghabháil. Thug a mháthair do é má tugadh d'éinne riamh i dtaobh dul i bpoll ó scoil: fuair sé béal uaithi. Tugadh idir dhaoinibh abhaile é: iomcharadh é. Tugadh an scian don mhuic: marbhuigheadh í i gcóir ithte sa bhaile. Mórán rud do dhearmhadas nár thugas tharat fós: nár chuireas síos ort. Ní raibh aon mhaith ón lá san ann, thug sé a chroidhe: chuir sé a neart thar a riocht. Mara bhfuilir sásta tabhair ar ais mo chuid féin dom-sa is tabharfad-sa do chuid duit-se: aiseag orm é. Tabhair solaoid dom leis an bhfocal so: cuir i gcéill chainnte dom é.

tugtha: (**tugthaithe**) *a.r.* bronnta, dálta, géillte, claoidhte, táltha, cnaoidhte, traochta, claon lé. Is gránda an rud bheith ró-thugtha don ól: an iomad dúlach do bheith ag duine ann is bheith ag síor-ghabháil de. Chun a chirt féin do thabhairt do níl sé ró-thugtha d'obair: ní gnáthach leis bheith ró-chlaoidhte léi. Briseadh é toisc é do bheith ró-thugtha do mhnáibh: bheith ró-cheanamhail ortha. Nílim ró-thugtha don bhfarraige: ní bhím ró-mhinic uirthi, nó ní mian liom do bheith. Caithfead stad, táim tugtha, níl a thuille nirt ionam: me claoidhte. Tá a ré tugtha aige: pé faid nó geairrid do bhí geallta ar an saoghal so dho tá sé istigh anois. Is olc atá mo lá tugtha agam, níl team-tí-tiú agam dá bharr: caithte, curtha isteach. Nuair bhuaileadar lé chéile bhí an bheirt aca tugtha: an lá dob fhearr feicsithe aca. Is baoghalach go bhfuil an diúir dhéidheannach tugtha ag an mbarraille: tálta. Is iomdha barra maith tugtha ag an dtalamh san: fásta thríd aníos. An bhfuil sé tugtha ar theacht? níl sé de dheallramh air: an bhfuil fonn air? Tá tugtha as ag an mála: pé méid a bhí ann tá sé imthighthe as: follamhuighthe trí áis. Ní tugtha dhuit tú féin d'fhliuchadh ar rud bheag: ní cuibhe: ní hionmholta. Ní tugtha dho dhuine é féin do mharbhadh lé hualaighibh troma: ní mholfadh éinne do san: níor bh'fhiú dho é. Bhíodh sé an-thugtha chun Gaedhealainge i gcómhnaidhe: spéis is dúthracht aige innte. Tá sé tugtha do theacht in ár dtigh-ne: déineann sé gnás de. Daoine tugtha d'fheóil iad: a itheas cuid mhór di. Ní hiontugtha dhuit do chiall do chailleamhaint leó nuair ná fuil aon fhonn ortha aonnidh do dhéanamh dóibh féin: ní mholfadh neach ar bith san duit. Shaoileas gur dhuine neamh-thugtha do thaisteal é ach cloisim go bhfuil sé tréis bheith ar saoire sa bhFrainnc: ná raibh sé leagtha leis. Is neamh-thugthaithe go mór don ól anois é 'ná mar bhí bliadhanta ó shoin: is lugha go mór do théigheann ina threis. Ní bheadh sé leath chómh tugtha don áit mara mbeadh rud do bheith dá bharr aige: claon lé teacht ann. Tá sé tugtha suas don dtobar so lé feabhas a chuid uisce: táthar éirighthe as bheith ag dul i gcomórtas leis: tá an chraobh fachta aige. Tá an obair sin tugtha suas lé fada: stadta dhi: éirighthe aiste. Is fada tugtha suas den ól é: é tréigthe aige. Na greamanna a cuireadh id bhróig táid tugtha: scaoilte. Éirigh as, tá an lá tugtha agat air is gan faic déanta agat: caithte. Beidh fiche bliadhain phríosúin tugtha aige i gcionn mí: caithte ann. Is baoghalach go gcrochfar é, níl breith tugtha fós air: an cúiteamh atá le tabhairt aige as an gcoir atá curtha ina leith áirighthe. Ní bheinn tugtha dho thobac dá me thu ní maith é an iomad de: ró-cheanamhail ar bheith ghá ól. Tá an chainnt, choisidheacht, an clos (na cluasa), an radharc (na súile) etc. tugtha air: táid teipithe air. An uair is mó bheadh muinghin agam as an saoghal tá sé tugtha orm: teipithe. Ní fheicim mo sparán in aon áit, ní fuláir nó is tugtha ina bhóthar ag duine éigin atá sé: árduighthe leis. Is maith atáir tugtha chun cinn ag an ndochtúir: feabhas mór curtha ar do shláinte aige. Níl na

scoláiridhe tugtha chun cinn an oiread san aige dá mhéid moladh a bhí air: gan ascnamh déanta aca fé n-a stiúrughadh. Níl sé tugtha chun baile aige leis bheith chómh fial liom-sa: níl sé saoghaluighthe leis. Is fadó atá do chuid tugtha ges na madraidhibh leó: imthighthe soir siar toisc gan éinne do bheith ina bhun. Fear tugtha seadh anois me is é dúnbhaile an chonntae mo stáitse: níl a thuilleadh oibre ná déanaimh ionam anois. Ní fada ón éadach so bheith tugtha, caithfead a mhalairt d'fhagháil: gan a thuilleadh buancais do bheith ann. An rud go mbíonn sé tugtha air é do dhéanamh ní choiscfeadh an saoghal mór ar dhul ar aghaidh leis é: go mbíonn a aigne leagtha air. Tuitfidh an falla aon lá, tá a bhun tugtha: scéidhte: géillte: imthighthe as ionad. Cad é an cárta atá tugtha agat?: imeartha. Cad tá tugtha agat ar an suidheachán so?: díolta as. Cad tá tugtha ar an leanbh so?: cad ainm a gairmeadh air. Measaim gur b'olc an tuairm atá tugtha agat orm: ceapaithe agat.

tugthacht: *b.3.* buaine, toilteanacht, claontacht, leagthacht, coirtheacht. B'ait leat anois a annamhaighe thagann sé is a thugthacht a bhí sé don áit tamall: a mhinicighe thagadh sé: a leagthacht a bhíodh a aigne le teacht is cuaird do thabhairt. Marbhóchaidh a thugthacht don ól é lá éigin: a cheanamhlacht is a mhinicighe bhíonn sé ag gabháil de. B'ait leat é bheith díomhaoin is a thugthacht chun oibre: a fhonn chúiche is a chlaoidhteacht léi nuair gheibheann sé í. Ní maith lé n-a mhnaoi in ao'chor a thugthacht don ól agus atá sé: caitheann sé furmhór a thuarastail air: a leagthacht atá sé leis: a mhinicighe agus a bhuaine bhíonn sé ag gabháil de. Budh mhór é a thugthacht don sean-áit faid mhair sé, thagadh sé ar cuaird ann chómh minic agus fhéadadh sé: b'é a bhéas teacht ann go minic. Ní maith é an tugthacht do chártaidhe: bheith ró-mhinic ag gabháil díobh. Dá mbeadh a thugthacht lé dul ann bheadh fáilte roimh n-a chuideachtain againn: toilteanacht air. Déineann a thugthacht don bpíp díth dho: a thriall go mion is go minic uirthi. Níor éirigh lé n-a thugthacht do shnámh: a thriall go ró-mhinic air. Is mór é tugthacht an éisc don áit seo: is annamh am ná tugann sé cuaird air. Lém thugthacht ní fhéadfainn stróc eile oibre do dhéanamh: mo neart is mo bhuaine traochta ionam.

tuighe: *b.4.* an gas no cos a bhíos ar arbhar go mór san tar éis a bhuailte; easair arbhair; díon. Is mithid dom dul 'on tuighe: 'on tsop: 'on leabaidh. Níor mheasa leis sop tuighe do lasadh ar a thóin 'ná an scéal do tharrac chuige: níor mhaith leis in ao'chor é. Sop tuighe ar a thóin é: ní thaithnigheann sé in ao'chor leis. "Cur na bhFaoille (bhFaoide) toradh gan tuighe/ cur na Márta tuighe gan toradh/ cur an Abráin tuighe agus toradh" .i. a faid nó a giorracht. Tuighe na hátha do chur ar an muileann: an díon: cuid na caidhne seo sa chaidhn sin: rud ná déineann tairbhe don duine: ní bhíonn ach ag athrughadh naoidhe an screasa. Tigh cinn tuighe: go mbíonn díon di air. Cuireadh fén dtuighe é: i bhfolach. Leabaidh thuighe: easair arbhair. Níl buaine an tsuip tuighe ar lasadh in airgead aige: imthigheann uaidh go mear.

tuigheadóir: *f.3.* duine a chuireas díon tuighe ar thigh. Ní tuigheadóir go brollach tirim: an ceárdaidhe ná bíonn an braon anuas ina dhiaidh tímcheall an tsimné: éiligeóir.

tuigheadóireacht; *b.3.* ealadha nó ceárd dín tuighe do chur ar thigh.

tuighim: *b.a.* díonaim lé tuighe. Ná bac tigh ná tuightear uair sa bhliadhain.

tuighte: *a.r.* clúduighthe lé tuighe; díonuighthe. Tigh tuighte scolbtha: feistighthe go maith.

tuigim: *b.a.* tá lán-eólas agam ar, is eól dom, tugaim fé ndeara, breithnighim a bhrigh; meabhruighim. Tuigim is ní léighim, is tuigeann fear léighin leath-fhocal: baineann sé ciall as chuid de chanamhaint. Níl aon éan ná go dtuigeann glór a ghearrcaigh féin: an mháthair, bheadh a fhios aice cad bheadh ó n-a hóg nuair bheadh duine iasachta dall air. Níl a chuid cainnte ró-shoiléir, ach tuigfear aiste: bainfear an bhrigh aiste. Tuigim ort ná fuil aon fhonn ort géilleadh: sin é tátall do bhainim as do chuid cainnte. Cad tuigtear duit as an scamall dubh san lastuaidh?: cad dar leat, an saghas aimsire, a leanfaidh é? Ní gábhadh a thuille a rádh, tuigtear as: is eól d'éinne a bhíos ag éisteacht cad a bhíos ar maoith ag an té a labhair. "Is annamh gort gan déise fiadha/ tuigeadh cách ciall mo rann/ is tearc teach ar a mbí rath/ ná bíonn meath ar chuid dá chlainn": bíodh sé soiléir do. An glór ná tuigeann an ceann is cuma a bheith ann nó as: mar an eól do an bhrigh is an fhuaimeant atá leis. Tuigeann gach éinne a bhalbhán féin: an rud ná bíonn léir don nduine thall toisc ná bíonn aige leis bíonn an-léir ar an dté go ngoilleann sé air. Dá dtuigtheá dhom ní bheifeá chómh dian, géar orm: dá meabhrófá an challóid atá orm ina cheart. Cuir an t-airgead san i dtaisce, an dtuigeann tu (me)?: an léir duit an fáth go n-abraim sin? Cómharsain a thuigeann a chéile is breágh dóibh: a ghéilleas dá chéile is ná bíonn fonn an achrainn ortha. "Tuig i gceart mise", deir duine a bhíos ag cur ruda ar a shúilibh do chách go cruinn ionnas ná déanfadh sé dearmhad. Thuigeas dom féin ná raibh aon rud dob fhearra dhom do dhéanamh ná mo bhéal d'éisteacht: cheapas san ar mheádhachtaint an chúrsa dhom. Déin mar tuigtear duit féin: mar síltear duit is fearr do dhéanamh. Dream iad so ná tuigeann don dtír: gur cuma leó: ná máchtnuigheann ar a hanacra agus géilleadh dhi dá réir. Dá dtuiginn me féin in am ní déarfainn é: dá mbreithnighinn an ceart in am. Tuigim sin agus tuigim tharais: agus breis is ná fuil ráidhte. "Tuigim anois" – "tuigir agus an uair úd": lé míchéadfadh an chuid dhéidheannach trí amhras ná tuigeann in ao'chor. Ná tuigeann tú, a dhuine, gur ar mhaithe leat atáim?: ná feictear go soiléir duit? Thuigfeadh leanbh ó airéir an chainnt sin, tá sí chómh sonaoideach san: cainnt neamh-dheacair. Tuigeann Tadhg Taidhgín: beirt ar aon intinn ní mór an chainnt is gábhadh dhóibh do dhéanamh. 'Sé a thuigeas uaidh ná raibh sé ar fóghnamh: a thugas chun cruinnis im aigne. An té a thuigfeadh é b'fhearr dho beagán talmhan ná airgead sa bhannc: an té a mheádhfadh an dá thaobh go maith. Is maith an té a thuigeann é féin: a ghníos nó a deir an rud ceart in uanaidheacht. Is mairg ná tuigeann é féin, mar dubhairt an fear thar éis a bhotúin do dhéanamh: ná féachann roimis sara néann beart. Tar éis a tuigtear gach beart: nuair bhíonn an gníomh déanta is léir dos gach éinne cad budh chóir a dhéanamh ó thúis. Níor leath-thuigeas é: budh bheag dob eól dom cad bhí ar aigne nó ar siubhal aige. Tuigimíd an saoghal nuair bhíonn sé ró-dhéidheannach againn: is annsan is léir dúinn connus mar budh cheart dúinn gníomh do dhéanamh. An dtuigeann tú leat me, dá mbeinn pósta bheinn ar mo thoil: an soiléir duit me?

tuigse: *b.4.* gaois, meabhraidheacht, an feart chun nidhthe do mheabhradh go soiléir; a mheádhas nó a thugas breith; an chómhacht chun breithnighthe an ruda a ráidhtear; ciall; réasún; intinn. Dom thuigse, níl aon rud budh chóra dhéanamh eadraibh ná síothcháin: dréir mo mheabhraidheacht, sin é mo bhreith. Dá mbeadh an tuigse cheart leis ní dhéanfadh sé labhairt chómh grod, d'fhanfadh sé go gcloiseadh a thuille: réasún: ciall. Dá

gcaitheadh sé tuigse leis an gcúrsa agus foidhne do bheith aige ní bheadh sé in iomar na haimléise mar tá: gaois: fuaimeant. Do thugas mo bhreith dréir feabhasa mo thuigse: dréir m'fhuaimeanta. "Agus do chonnairc me ameasc na ndaoine neamhghlioca, thug me dom aire ameasc na n-ógánach, ógán gan tuigse" (Seanráidhte VII. 7): gan fuaimeant: gan éifeacht incheann.

tuigseanach: *a.* éifeachtamhail, ciallmhar, fuaimeantamhail, réasúnta, eolgaiseach. Tuata tuigseanach: duine gan chéird ach go mbeadh mórán meabhraidheachta aige ar connus rud do dhéanamh. Bí tuigseanach do anois, tá sé óg fós: ná bí dian air: bí géilleamhail. B'é an rud budh thuigseanaighe im mhála anois éisteacht is gan bheith ag dul ag áiteamh ar dhuine chiotrúnta: budh chiallmhaire. Beidh Dia tuigseanach linn: géillfidh sé do chlaon na colna ionainn agus ní bheidh dian orainn dá réir. Ní fada ag gabháil de seo me agus nílim chómh tuigseanach le duine eile fós: eólgaiseacht. Is tuigseanach an chainnt í sin, ná deaghaidh rogha riamh ón réidhteach: ciallmhar, fuaimeantamhail. Glaoidh chun na bó breóidhte seo air, duine tuigseanach ar a leithéid seadh é: eólgaiseach: go bhfuil dul amach aige ar ghalaraidhibh bó. Duine chómh tuigseanach leat cuirir iongadh orm botún chómh soiléir do dhéanamh: go bhfuil oiread éifeachta aige is gur chóir go ndéanfadh an rud ceart. Dá thuigseanaighe ar an aimsir é chuaidh an oidhche dhe: dá eólgaisighe agus do ghéire. Nílim tuigseanach san aimsir: ní fhéadfainn aon tsaghas fáistine do dhéanamh uirthi. Choidhche ní bhíonn clampar ná achrann eatartha, táid árd-thuigseanach dá chéile: maithid do dhearmhadaibh is bhotúnaibh a chéile. Giúistís tuigseanach fé n-a bhreitheamhnas: giúistís a mheádhann tosca na cúise d'fhonn bheith fíor-chomhthrom. "Glacaidh-se chughaibh daoine críonna, agus tuigseanacha, agus aitheanta ameasc bhur dtreabha, etc." (Deut. 1. 13): go raibh fuaimeant leó is in inne breith do thabhairt.

tuigseanóir: *f.3.* duine go mbíonn éifeacht aige chun rud do dheascadh as a chéile agus d'fhoillsiughadh ina gcrot ceart. D'aithneóchadh amadán ar an slighe a bhí sé ag cainnt ar sheanchas na háite gur thuigseanóir é: gur duine go raibh eólas ceart cruinn air. Níl aon ghnóth ag éinne chun an innill seo atá chómh crosta san ach tuigseanóir: eólgaisidhe: go bhfuil a fhios aige connus a ionnramháil is cad budh cheart do dhéanamh leis. Tuigseanóir maith ar an nGaedhealaing seadh é: duine go bhfuil eólas agus feart maith aige ar an gcuid is cruaidhe di do thuigsint.

tuigsin(t): *b.3.* (*-seana*) meabhraidheacht, éifeacht, eólgaiseacht, ciall, réasún; an feart nó an buaidh rud do réidhteach, do mheádhachtaint, do bhreithniughadh ina gceart. Tuigsin(t), eagna, cómhairle, neart, eólas, diadhacht is eagla, na seacht subháilcidhe diadha: an breithniughadh idir chóir is éagcóir. Nár bhun tuigseana dhuit ná raibh aon chiall lé tú féin do thabhairt lé teasbáint is go rabhthas ag faire go géar ort: nách leis sin a bhí an réasún, is ní lé haonnidh eile. An bhfuilimíd ar aon tuigsin(t) anois? má táimíd déinimís beart: ar aon intinn. Téigheann sé thar mo thuigsin(t) cad fáth go ndéanfadh éinne, fiú amháin an té budh lugha ciall, rud chómh haimideach os chómhair a dhá shúl: ní féidir liom in ao'chor brigh do bhaint as. Níl a luighead tuigseana agam ar a dteangain: focal di ní fhéadfainn a bhrigh do bhreith liom. An bhfuil a bheag ná a mhór de thuigsin(t) agat orm?: an mbainir aon bhrigh as an rud atá dhá rádh ná dhá dhéanamh agam?: an soiléir duit ar a luighead cad do go bhfuilim ag tagairt? Dá mbeadh tuigsin(t) mo scéil agat ní bheifeá chómh dian orm: dá mb'eól duit mo thoisc. Níl aon tuigsin(t)

agaibh féin ar a chéile, dá mbeadh ní bheadh sibh ag allagar mar sin: dá mbudh léir díbh cúrsaidhe a chéile. Éirighim as, tá sé ar an dtaobh amuigh dem thuigsin(t): ní féidir liom é do thabhairt chun cruinnis: táim dall, dorcha air. "Á! fear na tuigseana go léir!", deirtear nuair bhíonn dearmhad nó botún déanta ag duine go mbíonn meas mór aige ar a chuid eólais is clisteachta. Is treise toil ná tuigsin(t): déintear rudaidhe i gcoinnibh ár gcómhairle. Is minic a dhéineann duine rud ar an dtaobh amuigh dá thuigsin(t) is nár chóir do thógaint: déineann mar nách léir do go mbíonn sé as an slighe. Dheineas é mar bhí mo thuigsint ag gabháil leis: bhí sé suidhte meáidhte im aigne gur bh'é an nidh ceart nó dob fhearr é. I dteannta é do bheith ó nádúir ann tá sé de léigheann-tuigsin(t) ann: tá fuaimeant na foghluma, leis, aige. Bhainfeá tuigsin(t) as, ach is go holc é tá rádhmhaill an domhain air: bheadh a fhios agat de bheagán cad bheadh dhá rádh aige. Sid é dubhairt sé liom do rádh leat, bain féin tuigsin(t) as: cainnt éigin dhoiléir agus a bheith fút féin bun-rúta do bhaint aiste. Is cuma dho cad imthigheann ar éinne eile tuigeann sé féin do féin: is ar a bhail féin do bhíonn ag machtnamh i gcómhnaidhe. Ná bí dian air ní tháinig sé chun bliadhanta na tuigseana fós: d'aois go mbeadh oiread éifeachta leis is gur bh'eól do cóir ó éagcóir, ceart ó éigceart. Ná bímís i síor-earrad, tagaimís chun tuigseana lé chéile: bíodh aontas aigne eadrainn. As a thuigsin(t) féin do dhein sé é gan cómhairle neach eile: dréir mar suidheadh do ina aigne. Neamh-thuigsin(t) a dhein do é: ní dhéanfadh é mara mbeadh ná raibh fios a mhalairt aige. Leanann neamh-thuigsin(t) an duine: is dual do dréir a nádúra a bhothún do dhéanamh.

tuigthe: *a.r.* is eól, is feas, is léir do. Nár thuigthe dhuit nár cheart duit do bheith ag caitheamh do choda go rabairneach ar lucht iasachta gur chuma leó mar gheall ort: nár léir duit. Budh bhun tuigthe d'éinne a bhreithneóchadh go cruinn air go raibh éasc éigin ann ar an ndroch-chlódh a bhí air: níl neach ná bainfeadh an tátall san as. Nách ion-tuighthe dhuit féin, gan a fhiafruighe de dhuine ar bith, gurb é do phóca an cara is fearr agat: ná fuil sé an-shoiléir dot chéill. Ní hion-tuigthe in ao'chor go ndéanfadh sé rud chun a dhíoghbhála gan bun éigin do bheith aige leis: inchreidte: ní furaiste ciall do bhaint as. Toisc na tut-bhalbhaighe atá ann, go mór-mhór nuair bhíonn braon ólta aige, bíonn sé do-thuigthe: ní féidir ciall ná brigh do bhaint as a ghlór. Dá labharthá go so-thuigthe ó thúis, ní bheadh an mhoill go léir orm freastal ort: soiléasta: ar chuma gur léir cad bhí dhá rádh agat. Ní bheadh a fhios choidhche agat connus cóstáil leis, duine do-thuigthe atá ann: duine gur deacair dul amach ar a mheón. Is ion-tuigthe air go bhfuil fonn réidhtigh air linn: dréir a chainnte, sin é tátall do bhainfeá as.

tuile: *f.4.* rith mór uisce, go mórmhór, borradh is scéidheachtaint ann, líonadh na taoide; buinne; an díle; leirg uisce, uisce na farraige nó abha; sruth nó gluaiseacht mhór lachta; tulca; aoirde láin, flúirse. Níl tuile ná trághann ach tuile na ngrás(t): níl aon dísc ná teóra lé grástaibh Dé: bíd ann i gcómhnaidhe don té a thuilleas iad. Riamh ó rugadh me níor chuala a leithéid de cháin chaille ná d'achmhusán ag daoinibh, thairrngeadar an tuile thar a chéile: ní raibh aon rud dá ndeárnadar féin ná a sinnsear nár chasadar lé chéile. In ainm Dé ná cloiseadh na daoine ag cainnt thu ná tairring an tuile tharainn: ná tabhair náire na haghtha dhom agus ná tairring mo shinnsear san uaigh chugham. Níor tháinig a leithéid de thuile ón ndílinn: rith is borradh uisce in aibhnteachaibh is uile. Tuile gan trághadh daonnacht Dé: níl aon teóra lé trócaire Dé don duine. Tá sé ina thuile an bóthar anuas: an oiread san báistighe déanta aige go bhfuil sruth in áit nách gnáth. Tagann cainnt ina tuile

uaidh, oiread is focal ní bhfaghfá rádh aige: cainnt ina buinne, ina sruth. Ó oidhche na tuile móire ní tháinig a leithéid: an trom-fhearthainn a thuit gur dhuibh is gur loigh na prátaidhe is budh thosach don ngorta. Gach abha, sruth is séithleán ina thuile ruadh (ruadh-thuile): tulcaidhe troma uisce ag gluaiseacht ina slaodaibh tríotha. Tá sé ina thosach tuile: an taoide tosnuighthe ar líonadh. Tuile rabhartha: tuile is aoirde agus is láidre. Tuile mallabhrach: tuile lé linn na dtaoididhe do bheith lag. Bheadh sé an-chonntabhartach ag bád gabháil tríd an dtuile bhuile sin: taoide an líonta nuair bhíonn sí in aoirde láin a nirt. Ná bí ag cainnt, éinne go raibh tart air, é féin budh bhun leis, bhí deoch ina tuilibh dhá riar ann: go flúirseach: siar síos dos gach éinne. Tuile na ngrást is í tuile gan tlás: gan lagughadh ná luigheadughadh. Cad é an leath-scéal atá aige ná fuil sé i dtuile ratha agus aoise: in aoirde a láin ar gach cuma. A thruagh dhealbh a chnámha ag tuaradh fé thuiltibh na dtonn: gluaiseacht na farraige i ngach treó. Nuair tháinig an tuile thar an ndomhan níor mhair ach a raibh san áirc: nuair múchadh lé huisce é. Is minic a chuaidh fear lé buile in aghaidh tuile is d'imthigh fear buile lé tuile: duine trí cheal éifeachta ag dul in aghaidh an ruda ná féadfadh buadhachtaint air agus fear a bhíos as a mheabhair do shíor ag imtheacht lé fánaidh. Tháinig sé ina thuile sléibhe orainn, shaoileamair go rabhamair scuabtha chun siubhail aige: go hobann gan choinne is go fíochmhar. A súile ina tuile deór: deóra ag imtheacht ina sruth uatha. Créachta i mbóithribh ag tuiltidheachaibh troma an gheimhridh. Tá sé i dtuile a nirt anois, mara ndéineann beart ní dhéanfaidh choidhche é: in aoirde a láin: chómh maith agus bheidh. Bhí na saighdiúiridhe ag tuile isteach thar teórainn lé breacadh an lae: ag gluaiseacht ar gach treó. Creid me leis, agus creid go fírinneach me leis go n-imtheóchaidh an rud a fachtar go holc leis an dtuile: ar neamh-nidh. B'fhearr liom é do scaoileadh leis an dtuile ná é do thabhairt do chun a chabhartha: a chaitheamh san abhainn chun a imtheachta lé fánaidh.

tuilighim: *b.a. & n-a.* rithim, borraim mar uisce, scéidhim, múchaim, méaduighim. Tuileóchaidh an áit fós lé hiasc anois go bhfuil cosc curtha leis na trollairidhibh: líonfaidh suas de. Scéidh na haibhnteacha is tuiligheadh na talamhaintidhe go léir mágcuaird: ghaibh an t-uisce lastuas díobh. Thuiligheadh gach aon tonn mór a bhuaileadh an bád sinn istigh innte: mhúchadh. Níor thuiligh riamh ná gur thrághaidh: dá mhéid a éirigheas duine nó rud sé a dhán ísliughadh. Briseadh na cora is tuiligheadh an talamh slinn ina dtímcheall: scaoileadh an t-uisce air gur múchadh é. Thuiligh mo lamhnán toisc an fhaid a bhíos gan mo chuid uisce do dhéanamh: líon thar a riocht.

tuilighthe: *a.r.* líonta, foirlíonta, scéidhte, flúirseach fé. An abha tuilighthe ar chuma ná féadfadh duine ná ainmhidhe dul treasna: lán go bruach. Thar éis an tulcghail bháistighe dhein sé airéir tá na talamhaintidhe go léir tuilighthe indiu: báidhte lé huisce. Bheadh an bhádh fhairsing seo tuilighthe d'iasc mara mbeadh an tsíor-scríobáil a gheibheann sí ós na trollairidhibh: lán de: é go flúirseach ann.

tuiliughadh: *f.* (*-uighthe*) líonadh, foirlíonadh, scéidheachtaint, flúirsiughadh. Lé teacht na báistighe bíonn na haibhnte ag tuiliughadh: ag at le huisce. An dúthaigh ag tuiliughadh lé saighdiúiridhibh púncán: na céadta mílte díobh ag teacht isteach innte. Táir ag tuiliughadh an áruis, seachain!: ghá líonadh thar bruach.

tuilleachtaint: *b.3.* tuilleamh, tuarastal, tuaradh. Is fada dhon alfraits ag tuilleachtaint an méid sin príosúin: é ag déanamh rud as an slighe go bhfuil an méid sin ag dul dá chionn. Bíonn ag tuilleachtaint ádhbhairín anois is airís: ag saothar chun cúitimh d'fhagháil ina choinnibh. Dóigh mhaith d'aon mhnaoi atá ann, tá tuilleachtaint mhaith aige: tuarastal.

tuilleadh: *f.1.* breis; do chur lé, fadughadh, méadughadh. An bhfuil do dhóthain agat, nó an bhfuil a thuilleadh uait?: ádhbhar i dteannta a bhfuil agat. Lé duine go n-éirigheann rud do trí n-a chiontaibh féin, "Tuilleadh an diabhail chughat, ní mise nár chuir ar do shúilibh thu": fuairis an méid a bhí tuillte agat, ach ní bheifeá mar sin dá ndéinteá rud ar an té a bheadh ar mhaith leat. Tuilleadh na tubaiste chuige, ní bhfaghaidh sé choidhche an oiread is ghuidhim do: breis den mío-ádh go dtárluighidh dho: a chonách san air. Táim-se díomhaoin glan is gan me ag tuilleamh feóirlinge, ní mar sin dá thuilleadh é: tá a mhalairt de scéal ag daoinibh eile. Is maith tá an chroch tuillte ag an anchúinse is ag tuilleadh dá shórt: breis eile dhaoine mar é. Táim bocht, is cad é an tsólás dom go bhfuil tuilleadh dem shaghas ann: mórán eile atá mar me. Gheóbhair a thuilleadh dem theangain lá éigin eile uaim, ní beag san indiu: tabharfad breis íde ort. Ná tabhair a thuilleadh ded bhéal dom, ní fearrde éinne go dtugair sclaimh air: mo dhóthain tarcuisne fachta agam uait. Tá céad bliadhain agus tuilleadh: coraidheacht agus. Ná labhair a thuilleadh tá do dhóthain ráidhte agat: focal eile. Tá a thuilleadh airgid agam agus a dhá thuilleadh lé tarrac chugham más gábhadh dhom: adhbhar eile agus fé dhó. Níl a thuilleadh ionam, caithfead stad: tá mo neart imthighthe. An bhféadfá dul a thuilleadh ar an scéal?: an é sin an méid is féidir leat do dhéanamh nó do mhíniughadh? Ólann sé a dtuilleann sé is dá mbeadh a thuilleadh aige, ar nós Dhómhnall na Gréine: breis is a bhfuil aige: bheadh sé ag ól faid bheadh i ndán íoc as. Tuilleadh is mo sháith agam anois, gluais leis: breis mhór is a dteastuigheann uaim. Bheadh tuilleadh tar chéad púnt sa bhannc agam: breis mhór agus é. Ná bíodh a thuilleadh mar gheall air ar eagla go ngeóbhadh lucht dlighe amach é: ná tráchtar airís air. "Is iongtach an duine é" – "tá a thuilleadh i ngan fhios ann": is iongtaighe fós 'ná san é dá gcuirtí chuige é. "Bhí coiste cruinnighthe ag tuilleadh dem chómharsain/ cois na teine agus siosarnach dhamh-sa": daoine eile seachas an dream atá luaidhte cheana agam. Daoine a thabharfadh déirc uatha is a thuilleadh ná déanfadh: roinnt eile den sluagh. "Tuilleadh mar táid de mhnáibh na tíre/ is mise mar táim gan tál gan tsíolrach": caonthaidhthe eile. Ní mór a thuilleadh cabhrach chun na hoibre seo do chríochnughadh i dtráth: breis agus mar tá againn. Mara ndubhairt sé a thuilleadh ach an méid sin leat, ní bhainfidh sé aon ghreim asat: níos mó 'ná san. Fan leat go fóill, tiocfaidh a thuilleadh as so: déanfair breis bhuaidhrimh den gcúrsa. Bímís ag gluaiseacht níl a thuilleadh aimsire againn: aon am lé coigilt. Dhíol sé céad púnt, ach tá a thuilleadh air: breis fhiacha gan íoc aige. Nuair ná raibh a thuilleadh agam ní raibh tuath ionam: nuair bhí mo chuid caithte. Buail a thuilleadh é: airís agus airís eile. Ní éisteóchainn a thuilleadh léd leithéid ná fuil aige ach an dearg-éitheach: níos sia. Ní raghadh sé a thuilleadh linn: troigh eile. Dá mbeadh a thuilleadh saoghail aige ní haon athrughadh a thiocfadh air: breis agus mar fuair sé. A thuilleadh séin go raibh ort, ní bheir aon lá choidhche chómh maith is budh mhaith liom-sa thu do bheith: breis agus breis áidh agus mar tá cheana ort. Ní féidir a thuilleadh céille do thabhairt do: ní raghadh aon chómhairle i luighe gaibhte air. Árduigh an seól, codail, éist, rith, fan, fág, léigh, scrígh, ná goil, ná gair, etc. a thuilleadh: ádhbhar breise. Is mó an tuilleadh ná an áirighthe: is mó an bhreis a tugadh 'ná an méid a bhí ag teacht chun an duine. Bhís déidheannach, agus tuilleadh fás dá mbeitheá in am b'é an dá

mhar a chéile dhuit é: agus ina theannta san airís. Tuilleadh conáigh orainn beó agus marbh: breis mhaitheasa corpardha chughainne, is spioradálta dóibh seo atá ar an dtaobh thall. Ní thabharfainn a thuilleadh dho dá mbeadh sé lé cur im bhrógaibh agam: braon nó greim eile. Ná cuir a thuilleadh orm: ná cuir breis den éitheach orm: tá go leór.

tuilleamh: *f.1.* saothar i gcoinnibh tuarastail; díolaidheacht, íocaidheacht as fóghnamh; díolfiach nó dualgas as sclábhaidheacht; an rud is fiú duine as a shaothar; dualgas. Connus mhairid, níl neach as an dtigh ag tuilleamh: ag saothar chun ruda do bheith dhá bharr aca. Is mó mo thuilleamh 'ná mo thuarastail: ní díoltar me dréir an méid oibre dhéinim: ní bhfaghaim mo cheart páidh. Má tá pádh mór dóibh is iad atá ghá thuilleamh: ag déanamh a chúitimh de shaothar. Ó chuadhas san aois níl aon tuilleamh ionam: nílim abálta ar obair do dhéanamh go mbeadh rud dá bharr agam. Is beag ar a thuilleamh súd caoir do dhéanamh anois agus airís: poll beag san méid airgid a shroicheas dá shaothar é. Má tá éinne ag tuilleamh a bheatha is mise an té sin: ag saothar go dian ar son a bhfuil dá bharr agam. Tá gach aonnidh sa tsaoghal so ar thuilleamh mbuidhe Dé: ar a chur: is fé atá. Buaileadh eisean cé nách é is mó a bhí ghá thuilleamh: go raibh sé ag dul do as a bheartaibh. Táir ghá thuilleamh: cúiteóchair an fuadar atá fút. "Is fada ghá thuilleamh é": lé duine ná bíonn aon truagh dho as thionóisc, bualadh, etc.: bhí sé ag dul do. Budh bheag liom duit an méid seo dá mbeadh aon tuilleamh déanta agat air: saothar ná obair déanta i ngioll leis agat. Fuairis do thuilleamh: an méid dob fhiú thu nó a bhí ag dul duit. Dá mbeadh aon tuilleamh sa cheanntar níor ghábhadh dhom dul thar lear: saothar lé déanamh go bhfaghainn mo shlighe bheatha as. Ní hé seo tuilleamh a dheineas air uait, me do leigeant follamh: ní hé seo mo luaigheacht lé ceart. Is fada atá sé ar a leabaidh ag tuilleamh an bháis: ag foghluim: an bás agus é féin dhá fhéachaint lé chéile. Má tá éinne ag tuilleamh na bhflaitheas tá sise: más fiú é éinne do dhul ann dréir a dheighbheart is fiú ise é. Níl tuilleamh mbuidhe aige le héinne, aon rud atá aige is go cruaidh is go dian do thairrng sé lé hallus a ghruadh é: fé chomaoin ag neach. Sin é an tuilleamh bog an t-airgead so: do fríth gan puinn saothair.

tuilleamhaint: *b.3.* gnóthughadh ruda, díolfiach, dualgais ar son saothair. Ar an gcainnt atá fút tá búrdáil mhaith dhá thuilleamhaint agat: ag dul duit as mar dhíolaidheacht. Ní duine díomhaoin ná leisceamhail é, níl aon lá ná go mbíonn sé ag tuilleamhaint: ag saothar chun páidh.

tuillim: *b.a.* gnóthuighim trí shaothar, olc nó maith, bíonn ag dul chugham as m'iomchar, tairrngim, is fiú me. Ní bhfaghair leath a dtuillir: pé iomard ná duaidhnéis a cuirtear ort ní hé do dhóthain é. Ní bhfuair sé ach ar thuill sé: má goirtigheadh é nó má éirigh aonnidh dho bhí sé tuartha aige dho féin lé fada. Ní hé an té a thuilleann is mó gheibheann: is minic duine ag saothar go dian dúthrachta is ná faghann sé díolfiach ann. Tuilleann sé a chrochadh: sin í an íde is fiú é dréir a bheart. Thuilleas mórán airgid ar an mbóthar san: ghnóthuigheas as an obair do dheineas air. Gheóbhair mar thuillfir: díolfar tu dréir mar bheidh cúiteamh oibre déanta agat ar a shon. Do thuillfeadh éinne airgead ach is fear gasta a choimeádfadh é: ghnóthóchadh lé n-a shaothar. Thuillis an cluiche sin: d'oibrighis go dian ar é do bheith agat. Tuill ór is caith: gnóthuigh lé hallus do ghruadh é is cuir a rian ort féin leis. Téighir agus tuill duit féin é: oibrigh ar son do bheatha. Nách dóigh leat ná go dtuillim suaimhneas i ndeireadh mo shaoghail thiar: go bhfuil sé ag dul dom.

“Cosaint cá bhfaghaidh tu in aghaidh na cúise? focal níor thuill tu, a leadhb gan lúithchlis?”: ní fiú tú labhairt duit ar son aon ruda atá déanta agat. “Gearraigidhe doimhin, níor thuill sé fábhar”: ní fiú a mhalairt é mar nach fiú faic in ao’chor a ghníomh.

tuilleamhach: *a.* i ndán tuillimh, torthamhail, fiúghantach. Duine tuilleamhach seadh é, is annamh lá díomhaoin aige: tá sé abálta ar thuilleamh agus déineann sé é. Is iomdha gníomh tuilleamhach déanta riamh aige ar son na ndaoine: fiúghantach, maith. Obair thuilleamhach atá ar siubhal aige, ní fhágann sí ceal ná easbhaidh air: torthamhail.

tuillte: *a.r.* gnóthuighthe, saothar tugtha i ngioll lé. Is maith atá an bás san tuillte aige, budh bheag aige féin anam duine do bheith air: is é atá ag dul do: a mhalairt níor bh’fhiú é. Nách dóigh leat ná go bhfuil an cluiche tuillte agam: oibrighthe go cruaidh agam, ionnas gur fiú me é. Bhuaileadar é, sin é a bhí tuillte aige: fuair sé a dhualgas. Níl aon bhaoghal ná go bhfuil buidheachas Dé is duine tuillte aige mar ná raibh riamh ar a láimh ach an mhaith: ná gur fiú é é. Tá an lá so tuillte go maith agam: ceannuighthe: tá mórchuid struis is anacra beartha orm. Dá mbeadh sé tuillte agam uaithi níor bh’aon nidh liom í ghom ionsaidhe: dá mb’é mo dhíol é: dá mbeadh sé ag teacht chugham as aon rud déanta as an slighe agam uirthi. Airgead tuillte airgead éisc, má bhí riamh: go bhfaightear mórán dá dhuadh. Is neamh-thuillte atá an cogadh so is an aindeise atá ghá leanamhaint ag daoinibh bochta: ní hé a ndíol é: is olc an díolaidheacht ortha é. Sar ar phós sí é bhí sí tuillte go maith aige: fuair sé mórán de dhuadh í do bheith aige. Ní sin cor ina shaoghal a bhí tuillte aige: dob fhiú é. Níl an oiread tuillte lé mí agam is chothóchadh ar feadh lae me: fachta mar thuarastal as mo shaothar.

tuilte: *a.r.* lán suas, foirlíonta, báidhte. Ná creid focal uaidh sin, níl ná briste, tá sé tuilte lé hairgead: é ina chnocánaibh aige. Bhíodh an fharraige tuilte d’iasc, ní hionann is anois ná faghfá breac i rith an lae: lán suas de: é go flúirseach innte. Fé thráthnóna bhí an chathair tuilte lé saighdiúiridhibh, ní fhéadfá do chos do tharrac aca: palcuighthe. An fharraige tuilte de raic: raic i ngach áit go bhféachfá. Tá t’aigne tuilte lé bréantas: bréantas ar fad í. Fear tuilte de neart agus is minic foillsighthe aige é: neart is acfuinn an domhain. An rud salach tá sé tuilte de threaghdán: mion-mhíola ghá itheadh ina bheatha. A croidhe tuilte lé grádh dho: cean a hanama aice air. Bíodh an baile beag ciar-thuilte Máirt Inide bhíodh an oiread san póstaidheacha ann: an áit dubh lé daoinibh. Beidh an abha chómh tuilte ná féadfair dul treasna: foirlíonta d’uisce.

tuilteach: *a.* lán suas, ag scéidheachtaint. Aibhnte tuilteacha: an t-uisce ag scéidheachtaint isteach fén dtalamh asta. Aon bheann ní raibh agam ar an méid do chaithfinn, bhí mo phócaidhe tuilteach lé hairgead: ag brúchtghail: lán suas go smeig.

tuilteanach: *a.* fiúghantach. Ní thabharfainn an déirc do neach ach an té a bheadh tuilteanach: an té a bheadh ina ghábhtar.

tuilteanas: *f.1.* fiúghantas, cion, luaigheacht. Fuair sé a thuilteanas agus fuair sé go maith é: rud a bhí ag dul do lé fada. Tabhair a thuilteanas do, ná tabhair a thuilleadh: a luaighidheacht: an méid is fiú é.

tuimidín: *f.4.* suarachán, cnochaire beag. Tuimidín ó n-a óige dob eadh é, níor tháinig borradh ná fás riamh fé: duine meathluighthe.

tuinighthe: *a.r.* bunuighthe, greamuighthe, socruighthe. Clocha tuinighthe iad san nách féidir do chorruighe: ceangailte: greamuighthe. Táir chómh tuinighthe sin sa chúinne ná fágfá ar do bheatha é: greamuighthe, daingnighthe.

tuire: *b.4.* (**tuireacht**) triomacht, ceal súghlaigh, leamhas, doichilleacht, do-shuime. Sé an saghas prátaidhe iad ná féadfá a n-itheadh lé n-a dtuire: an biadh ionta gan aon taisreacht. Ní haon iongadh iad do bheith mío-shláinteamhail agus tuire a gcuid bídh: ceal bainne, glasraidhe, annlainn, etc. Ní bhfuaireas uatha ach an tuire, cuma connus labharfainn leo: doichilleacht: cainnt ghrod. Ní mór d'fhéadfainn d'itheadh den arán san lé n-a thúire: tiormacht: gan aon taisreacht ann.

tuireamh: *f.1.* caoineadh, mairbhne, duan chaointe. Tuireamh Eóghain Ruaidh: caoineadh ar a bhás. Is mór an t-athrughadh ar an saoghal é, ní bhíonn tuireamh ná caoineadh ar aon tórramh anois: ní goiltear na ní ceaptar duan chaointe. Tagann an t-aindeiseóir bocht cráidhte ag tuireamh a gearánta: ghá n-áireamh.

túirling: *b.2.* (**túirleacan** *f.1.*) do theacht i gcois; do theacht anuas ó áit is uachtaraighe ar áit is íochtaraighe; do theacht ó shinnsear; sroichstint; tuiteam; bualadh (daoine). Baile é go mbíonn túirling mórán daoine ann: teacht agus stad. Bíonn túirling breabhaididhe saoire ann sa tsamhradh: a dtriall. Bíonn mo thúirling ann: gnáthuighim go minic é. Ag túirling den gcapall dom baineadh árd-threascairt asam: ag teacht anuas ar an dtalamh dá dhrom. Na clochacha ag túirling leis an aois: ag tuiteam. Ní bhíonn túirling an éin féin anois ann: triall dhuine ar bith. Le linn mo thúirlinge ina measc: ar mo theacht eatartha. Túirling Mhic Dé ar an dtalamh: a theacht i gcolainn daonna ar an dtalamh. Fág slighe na túirlinge idir thu féin agus an falla: slighe tuitthe dho gan bualadh ar éinne. Ag moladh a thúirlinge ó dhaoinibh séimhe: a eascar uatha: a theacht anuas uatha. Ná bain aon túirling as an seanduine nó goirteóchair é: tuiteam aindeis. Thar éis a thúirleacan ag baile thuit an t-anam as: a shroichstint.

túirlingim: (**túirleacaim**) *b. n-a.* tagaim anuas ó ionad árd, ar an dtalamh, i gcois; glúinighim, préamhuighim, síolruighim. Cad as gur thúirlingis chughainn?: go dtáinighis in ár measc gan choinne leat. Thúirling éan suaithinseach ar chrann lasmuigh den dtigh: tháinig i gcois, chun stada. Thúirling galar gráineamhail ar an gceanntar a scuab mórchuid des na daoinibh: thuit ina measc. Thúirling Mac an Duine ar an dtalamh: ghlac sé colann daonna. Túirlingeóchad i Malla: tiocfad den gcóir iomchair atá agam. Ní thúirlingeóchadh sé dem dhrom: ní thiocfadh anuas.

túirne: *f.4.* (**turn**) inneall chun sníomhtha; fearsad air do chasann roth mhór. Túirne lín, olna. Bean túirne: sníomhadóir mná. Túirnidhe socra is mná gan ocras: gléas maith chun sníomhadóireachta. Níl aon oidhre ag cainnt ort ach gliogaire túirne: go mbeadh glór ait aige.

túirnín: *f.4.* tuirne (turn beag). "Mo bhean is mo chlann is mo thúirnín lín".

tuirse: *b.4.* coirtheacht cuirp nó incheann de dheascaibh saothair; scíos, tnáidhteacht, tugthacht nirt, buaidhreamh, iomard, brón. Cuirir tuirse orm bheith ag éisteacht léd chuid spreallaireachta aighnis: traochair m'fhoidhne: goillir ar m'éisteachta. Tuirse ort, ná fanfadh socair: mío-shuaimhneas aigne. Cúis tuirse, bás na mná óige: adhbhar bróin. Tuirse an bhóthair ort, maran ort atá an fonn ón dtigh: go dtugaidh an tsiubhalóid thu. Ní deacair leis tuirse do ghlacadh roim obair: neamhfhonn. Mo thuirse, tá deireadh mo shaoghail ag druideam liom: mo bhrón. "Nuair chonnac-sa chugham an fhinne-bhean óg is beag do thuigeas an tuirse a bhí rómham": an brón agus an t-iomard a bhí i ndán dom dá druim. Ná bí ag déanamh tuirse dhe, ní faic a bheadh buaidhte agat leis: ag déanamh bróin: ghod bhuaidhreamh féin leis. Go ndéanfadh san lá oibre ní leigfeadh tuirse cnámh do é: an leisce atá ceangailte istigh ina chreat. Tuirse roim dheacair atá air: ní maith leis aghaidh do thabhairt ar aon rud go mbeadh duadh ag baint leis. Is í an tuirse atá air, tuirse na ngaibhne ar aodhairidhe na mbó. Dúmas tuirse: tuirse nách de dhruim duaidh. Tuirse ist oidhche is fuirse sa ló: mar bhíonn ag daoinibh a bhíos ag saothar go dian. M'atuirse croidhe agus bróin: tnáidhteacht aigne. Dá mbeadh aon tuirse eile ort ní bhacfá thart é sin: aon chúram eile a chuirfeadh duadh ort. Mo thúirse is mo chumha dá dhúbailt: táim traochta dóthanach den saoghal so. "Ná tagann aon tuirse ar do theangain?": lé duine go mbíonn mórán cainnte aige. Imthigheann an tuirse is fanann an sochar: déineann duine dearmhad ar dhuadh ruda nuair bhíonn a bharra aige. Shuidheadh sé síos do féin i gcathaoir shócamhail thar éis thuirse an lae: an choirtheacht a bhíodh ar a chorp ó bheith ag saothar.

tuirseach: *a.* cortha, tnáidhte, croidhe-bhrúighte, brónach, dóthanach de. Táim tuirseach ó bheith ag éisteacht lé cainnt gan deallramh: brathaim ar chuma nách féidir liom a thuilleadh di d'fhulang. An té a bhíonn tuirseach suidheadh: an té nách féidir leis a thuilleadh do dhéanamh stadadh sé! Táim tuirseach ag an saoghal: claoidhte, tugtha ar fad. D'éirigheadar tuirseach dá chéile, is scaradar: dothánach: níor fhan a thuilleadh suime aca ina chéile. "Is tuirseach fear curaigh cois cuain/ is tuirseach bean ar uaigh a fir/ is tuirseach fear luinge gan stiúir/ is tuirseach fear ciúin ar bith": mairgeach. Déanfair-se aithrighe thuirseach fós as na corthaibh baotha so: caoinfir go dochraideach iad. Beidh do ghlór tuirseach ó bheith ag cainnt: an neart imthighthe as. Bím tuirseach ó bheith ag siubhal i rith an lae: tugtha: cortha. Osna an sclábhaidhe thuirsigh: an té a bhíos ag saothrughadh a anama do Dhia. "De mholadh Dé ná bí choidhche tuirseach": ná tréig sin trí cheal dúthrachta. Ní raibh aon chnámh im chorp ná raibh tuirseach ag an obair thruim úd: iad gan éascaidheacht saothair. Ní fhéadfaidís a thuilleadh d'itheadh, táid tuirseach ag biadh: dóthánach de: breis agus is blasta leo caithte aca dhe. "Éisteochair nuair bheir tuirseach": lé duine go mbíonn mórán cainnte aige is ná cuirtear aon nath ann.

tuirseamhail: *a.* leisceamhail, tnáidhteach, coirtheach, trom, brónach, dochraideach. Éirigh! maran tuirseamhail ataoi is an saoghal mór lasmuigh: leisceamhail: neamh-fhonn. Is tuirseamhail a bhráthair, a dhuine bhoicht, tá do chroidhe is do shláinte briste, brúighte ag an saoghal (leamhas): cortha: tugtha: neamh-éascaidh i gcorp san alt. Cá bhfuil an obair is tuirseamhla ná cnoc nó tráigh?: is mó a bhaineas an bhrigh as ár neart. Bíonn eachtra thuirseamhail éigin aige nuair bhíonn sé ag tnúth lé rud: scéal brónach. Ní heól dom aon fhear ar m'aithne is neamh-thuirseamhla 'ná é, bheadh sé ar a bhonnaibh ó

dhubh go dubh is ag síor-ghíotáil gan gearán air: neamh-leisceamhail: neamh-fhonnmhar chun ruda do dhéanamh. Duine tuirseamhail é do bheith ina chuideachtain: bheadh duine cortha dhe. "Is tuirseamhail atá sé ag breith ort, a dhuine bhoicht!", lé duine go ngoilleann fíor-bheagán oibre, nó a bhíos ag gearán ar dhuaibhseamhlacht an tsaoghail.

tuise: *f.4.* tómhas, toirt, méid, téagar. Ní túisce a chonnac é 'ná thógas a thuise: d'aithnigheas cad é an saghas duine go rabhas i dtreis leis, cad é an fuadar a bhí fé, etc. Ná habair a thuilleadh, tá a thuise go cruinn agam: tuigim go maith ina thaobh. Níor bhfada an mhoill orm-sa do thuise do thógaint (seo carbhall go bhfuil cuireadh cómhraic ann): tu do threascairt dá gcuirtí chuige me. Thóg an tailliúir mo thuise: thómhais sé mo chorp i gcóir éadaigh do dhéanamh dom. An bhfuil tuise an tighe agat?: faid, leithead is aoirde. Ól ceann eile aca san, cad is fiú iad, níl puinn tuise ag an ngloinne: níl sí ró-mhór. Ní fhéadfadh gan cuid mhór, mhaith do bheith sa sparán is an tuise a bhí aige: an toirt a bhí ann. Ní mór an tuise a bhí aige an chéad lá do cuireadh ag obair é: ní raibh toirt ná taidhbhse aige. Is beag an tuise fhéachann long i bhfad uait: ní bhíonn mórán toirte innte. Cuireadh síor an t-iasc agus an tuise céadna de phrátaidhibh: an oiread díobh agus raghadh leis. Ní mór gur fiú an t-ubh d'itheadh is an tuise atá aige: an mhéid atá ann. Cad eile atá uait ach lán tuise t'áruis: lán a mhéide, a chumais. Níor chuir sé aon tuise lé n-a láimh riamh: aon teóra: thugadh uaidh go rabairneach. Is eagal liom go bhfuilir ag dul ró-fhada, níl aon tuise leat: aon teóra: cuimse. Iasc mion dob eadh é, ní raibh aon tuise ag míle dhe: níor thaidhbhsigh sé mór. Tabhair tuise dho, tá sé an-sprionnlaithe: cuir breis leis.

thuis: *uaillbhreas* Thuis! cloisfear thu: éist. Thuis! cuit amach: amach, a chait.

túis: *b.2.* fola cumhra chun muis breágha do dhéanamh lé n-a dhóghadh lé linn adhartha. "Agus do rinne an ola ungtha naomhtha agus an túis ghlan de spíosra deaghbholaidh, do réir oibre an photacaraigh" (Ecs. XXXVII. 29). "Agus glacfaidh síonnsa lán de sméarthóidíbh teineadh ón altóir os choinne an Tighearna agus lán a ghlaice de thúis deaghbholaidh brúighte go mín, agus do bhéarfaidh taobh istigh den fholach é" (Lebh. XVI. 12).

túis: (**tús**) *b.3.* tosach, bunadh, úrthosach, an chéad chuid d'aonnidh. Ó thúis deireadh bhí sé ró-mhaith dhom: ar feadh na haimsire, an achair. "Fé mar mhairis riamh seadh mhairfeá choidhche ó thúis an chluiche go deireadh na scríbe": ón gcéad gcuid ded shaoghal go crích. Cluiche gan túis gan deireadh é seo: cluiche tuirseamhail, leadaránach. Fuair sé míle púnt, ach bhí airgead ó thúis aige: roimhe sin. Túis maith leath na hoibre: má deintear ann chéad chuid di go maith ní mór an nath an chuid eile dhi. Tabhair túis dom-sa, mar tá deabhadh orm: leig dom dul roim an gcuid eile: tabhair tosach amach dom. Bheirim túis bealaigh duit: gluaiseacht chun cinn: onóir ionaid. Bruth agus teas túis tinnis: cómharthaidhe breóidhteachta. Is é an té a chuir túis ar an saothar so gur dual do breis an bhuidheachais: a thosnuigh é. Ní fearr a thúis ná a dheire (is cuma a thúis nó a dheireadh): mara chéile seadh é, olc nó maith. An té bheireann ar dtúis cailleann ar dtréis: is gnáthach leis an té a bhíos ag buadhachtaint i dtosach gur b'é is mó bhíonn caillte leis i ndeireadh dála. I dtúis do shaoghail bíodh oighear do bheatha ionat: i dtosach déin déanamh duit féin. Tá san ó thúis an domhain ann: riamh. Túis na heagna uamhan Dé:

bíodh eagla roim Dhia orainn, agus is í gaois is fearr i ndeireadh dála í. Túis Aoine nó deireadh Sathairn ná bíodh aon iontaoibh agat asta: an mhaidean, etc. Choimeádas túis bealaigh air i rith na haimsire ar fad: bhíos chun cinn air: ró-mhaith dho ar gach cuma. Ar dtúis, éist liom-sa: sara dtéightear a thuilleadh. Tá Dia gen túis gan deireadh: tá sé ann ón uile-shaoghal is beidh choidhche. I dtúis báire roinnimís an t-airgead: chun tosnuighthe: sara ndéintear faic eile. "Ar dtúis agus ar deireadh, ar seisean", deirtear so lé déistin. "In ainm Dé is i dtúis an lae", lé linn dulta i bhfeidhil oibre ar maidin. Bhaineas túis de ag déanamh ar an mbaile: ghaibheas tharais amach. Lé túis an ré is eadh is mó gheóbhfá cao air: lé n-a teacht. Mar bhí ar dtúis, mar atá anois, agus mar bheidh lé saoghal na saoghal. Túis lé casachtaigh agus deireadh lé cómhrainn: mara gcoisctear casachtach béarfaidh sí an bás ar dhuine. Táim mar bhíos ar dtúis: ar ais ar an aiste chéadna. Tusa budh thúis leis an achrann so: a thosnuigh, a chur ar bun é. Cuirimís túis ar an bpaidir: abraimís í. Budh dhóigh leat ná raibh leath a chúraim ar éinne, is é bhí ina thúis is ina dheireadh: i mbun 'si mbarr go haonnidh. Ghaibheas tríd ó n-a thúis go dtí n-a dheireadh: tríd ar fad. Ní bhfaghaim túis ná deireadh leis an snáithín seo, a leithéid sin d'achrann agus tá air: ní féidir liom aon cheann de d'fhagháil lé n-a réidhteach. Bhíodh sé i dtúis gach aon troda, ní haon eagla do bhíodh air: ar thosach na bhfear. Ó thúis bhí amhras air: ó thárlaidhe an cúrsa i dtosach.

tusa: *f-a. ph.* an té go labhartar leis. Tusa féin an fear a rinne é: ní neach eile ach thu. "Tusa an fear i gcómhnaidhe", lé duine a bhíos ag maoidheamh. "Agus adubhairt Nátan ré Dáibhí, 'is tusa an duine'. Agus adubhairt sé ré Dáibhí, 'is fíréanta tusa 'ná mise, óir do chúitigh tusa mise lé maith in áit an uilc do rinne me ort'" (1. Sam. XXIV. 17).

tút: *f.1.* bréantas, mus gránda. Ní fhéadfadh duine blaiseadh a phuis di d'itheadh leis an dtút a bhí uaithe: boladh bréan. Tá tút uaithe, fágadh ró-fhada gan salann í: boladh lobhtha.

túta: *f.4.* duine tuathalach, tuaisceartach, aindeis. Níl aon rud go mbeireann an túta ina dhorn air ná go mbriseann sé: duine aimlidhthe lé n-a lámhaibh. Ná bac labhairt leis na tútaidhibh sin mar ná fuil aon eólas ortha: daoine ná faghann an chao ar bhéascnadh do bheith ortha lé n-a n-iargcúlacht. Níl ionat ach túta: aineólach: amallóg dhuine.

tútach: *a.* aindeis, neamh-mín, neamhshlachtmhar, garbh, reamhar, mí-mhiochair. Shleamhnuigh an tsnáthad as a mhéireannaibh tútacha: aindeise, reamhra, mío-thapaidheana, neamh-chliste. Na stocaidhe a bhí air bhíodar ró-thútach is ní raghadh a bhróga air leó: ró-reamhar, neamh-shlachtmhar, cnapánach. Fear é seo, dearg, tútach ar a aghaidh: trom, rocach. Ní théigheann nútaidhe tútacha lé mnaoi áluinn: crobhanna reamhra, mío-chúmtha. Tá sé ró-thútach as a chosaibh chun a bheith go maith chun peile: ró-aindeis, neamh-éascaidh. Bróga tútacha dhéineann an gréasaidhe sin, ní bheidís choidhche oireamhnach do leacachaibh sráide: reamhra, troma, mío-mhaiseamhla. Éadach tútach atá air: garbh, neamh-mín. Ná labhair tútach lé héinne go deó: neamh-mín. Is tútach a chuirir chun scríobhnóireachta: neamh-éascaidh, neamh-eólgaiseach. Duine damanta, tútach is eadh é, nár cheart duit puinn conbharsáide do dhéanamh leis, mar ná beadh a fhios agat cathain do phléascfadh sé chughat: duine millteach, do-thuigseanach.

An-thútach luigheann do chuid éadaigh ar do ghéagaibh: neamh-shlachtmhar, neamh-shleamhain.

túisce: *b-chéim & s-chéim* (luaith) aiste bheith luaith, ar tosach, de rogha. Céagaibh budh thúisce ag teacht: budh luaithe: go raibh tosach. Táim-se níos túisce 'ná thu annso: rómhat. Budh thúisce thusa ann, cé gur luaithe mise ag teacht: ránguighis ann sarar shroicheas toisc thú d'fhágaint sar ar fhágas-sa. Is túisce deoch 'ná scéal: óltar sara ndéintear eachtra: tugtar rogha don ndigh. Budh thúisce liom tusa 'ná é: thabharfainn tosach duit: b'fhearr liom thu ar aon rát. Níor thúisce ina sheasamh é 'ná sínte: níor thapamhla. D'fhreagair sé an focal budh thúisce chuige (chun a bhéil): budh chuma leis cad déarfadh sé. Is cuma leis cad chuireann sé air ach an bhalcais is túisce chuige: an ceann is áiseamhla agus is caothamhla, is cuma cé leis í 'ná cá cruth a bhíos uirthi. Is cuma cé is túisce ar an gcíonádh: ní dheineann sé aon deifir cé chaitheann ar dtúis air, toisc nách féidir é do bhualadh. A chuid ag imtheacht ag an té is túisce chuige: daoine ghá fhéachaint lé n-a chéile chun é d'árdach chun siubhail. Mo ghradhain go dealbh is amhlaidh mar tá aice sin – an té is túisce chúiche: gach éinne mar thagann ag sáthadh chúiche. Ní túisce fhéachfadh sé siar tharais 'ná sáidhfeadh sé thu: dhéanfadh é gan aon chúis in ao'chor. Ní túisce istigh é ná amuigh: aon tsos ní dhéineann. Níos túisce 'ná thabharfadh sé dos na bochtaibh é leig sé dho lobhadh: sara dtabharfadh de rogha, etc. Níor thúisce d'oscail sé a bhéal 'ná bhí a fhios agam cad bhí uaidh: chómh luath agus. Ní túisce bheifeá san uaigh ná bheadh fear eile aice: gan aon mhoill. An té is túisce bheidh réidh sin é gheóbhaidh an duais: an chéad duine. Budh thúisce leis an bás 'ná scaramhaint lé pingin dá chuid: b'fhearr leis é de rogha. Is túisce tuilleamh ná tuarastal: ní fuláir do dhuine saothar do dhéanamh ar dtúis sara ndíoltar as é. A thúisce tháinig an focal as a bhéal bhí a fhios agam cé chuige go raibh sé: ar an dtoirt gur labhair sé. Ní beag liom a thúisce raighead ag obair, mar is beag é mo thuarastal: luath go leór measaim. Ní túisce chun oibre é 'ná stadann sé: ar éigean a bhíonn tosnuighthe aige. Níos túisce 'ná bheinn ag éisteacht leis an madra ag uallfartaigh chaitheas greim chuige: b'fhearr liom san do dhéanamh. Bhíos chómh clipithe sin ag an saoghal nár thúisce liom beatha 'ná bás: gur chuma liom céaca den dís. Mara mbeadh a thúisce tángthas orm bhíos brúighte i gcoinnibh an fhalla: a thapamhlacht: gur tángthas in am thráth orm. Níor thúisce ráidhte é ná déanta: lom díreach thar éis a chúrtha in iúil. Is é is túisce leis an saoghal mór do thagann an bás: b'fhearr leó gan a theacht chómh luath. Dá thúisce thiocfaidh an tsíothcháin seadh is fearr: ní thiocfaidh sí luath a dóthain. Dubhairt sé ná raibh aon mhaith in éinne ón bparróiste seo, níor thúisce sin ná buaileadh i gcródh an chinn é: ar an dtoirt. Is túisce an bóthar lastuaidh mar is é is réidhe agus is socra: is luaithe bheifeá ar ghabháil ann. Is túisce prátaidhe ná arbhar: is luaithe lé baint. Is túisce do chapall-sa ar bhóthar fhada go mór: is tapamhla. Budh thúisce duit é do dhéanamh ar an gcuma so: is giorra d'aimsir do bheifeá leis. Is túisce leis a bhean 'ná Dia: tá sé gan aon mheabhair ina diaidh: tá sé ait tímcheall uirthi. Féach gur thúisce leis deoch do thabhairt duit-se 'ná d'éinne dá raibh láithreach: roim éinne eile go bhfaghfá uaidh í. An lá budh thúisce 'ná é sin seadh tháinig sé, creidim: an lá roimis sin. Níor bh'í sin an bhean budh thúisce a bhí aige: an chéad bhean. Éist, a dhailtín, budh thúisce ar an saoghal mise 'ná thu: saoghaluigheadh mise rómhat, mar sin tá túis bealaigh agam ort. Budh thúisce liom scaramhaint lé súil nó géig 'na cruisteach do dhéanamh ar dhuine dearóil: b'fhearr liom: dhéanfainn sin sara etc.

taiseadh: *f.* (*-ste*) tómhas, toghadh, do thógaint tuise, do chur i gcómhnáird lé, méid, taidhbhse. Ní chuirfinn i dtaiseadh leat é: ní chuirfinn i gcomórtas: níl aon bhreith agat air lé feabhas. Nára slán taiseadh dóibh: nára slán comórtas: níl aon chosamhlacht eatartha. Budh bheag ar an ngaige úd an cailín do thaiseadh leis: í do luadh leis 'ná í do chur i gcomórtas leis mar mhnaoi, cuir i gcás. Chaith sé an Inid ag taiseadh cleamhan dá inghin: ag toghadh. Tá sé de thighearnamhlacht ionat, an bhfuil tú féin dhá thaiseadh liom maidir lé hinchinn: a mheas bheith chómh maith liom.

tuiseal: *f.1.* tuisle, tuiteam. Is iomdha tuiseal a baintear as an nduine ó aois go bás: treascairt: cur siar. An é mo thuiseal a bheadh uait go bhfuilir ghom bhuaidhreamh?: mo thuiteam, mo dhíth.

tuisighim: *b.a.* tómhaisim, toghaim, cuirim i gcomórtas. Thuisigh sé a dhorn liom: thómhais: bhagair sé orm é. Ní túisce do chonnac é 'ná thuisigheas é: ná gur mheádhas an saghas duine a bhí ann. Níor tuisigheadh éinne dá raibh riamh annso leis lé n-a fheabhas d'fhear: níor cuireadh i gcomórtas.

tuisle: *f.4.* lúdrach. Tuislidhe na cómhlan: na sclátaidhe caola, tanaidhe iarainn go mbíonn súil ar a gceann, go dtéigheann an bacán ionta is go gcasann an doras ortha.

tuisleadh: *f.1.* do stroilleadh, thuiteam, shleamhnughadh. Baineadh barra-thuisleadh as an gcapall gur leagadh é is gearradh a ghlúine: a chrúb do bhualadh i gcoinnibh ruda éigin a leag é. Chuireas mo chos roimis, baineadh tuisleadh as is síneadh é: chaill sé a bhonn ar an dtalamh. Tuisleadh cainnte dhom é, mar bhítheas ag teacht treasna orm: rith focal. Ní bainfear aon tuisleadh aiste: tá sí an-aireach.

tuisleach: *a.* grogach, stroilleach, breallach, lochtach. Ní hiontaoibh bheith ag brath air ag cainnt, tá sí tuisleach, ní bheadh a fhios agat cathain dhéanfadh sé a bhotún: breallach. Fan-sa id thost ach go háirighthe, táir ró-thuisleach id labharthaibh: lochtach: stroilleach. An-chonntabhartach ar bhóthar an capall céadna, tá sé so-thuisleach: claon lé tuisle do bhaint as. Fairír géar! an peacach tuisleach: so-thuitthe: claon: neamh-sheasamhach.

tuitim: (**tuiteam**) *b.2. & f.1.* teacht anuas ó áit is aoirde go háit is ísle trí chodtruime, claonadh, sileadh, sileadh ó bheith i seasamh go lár, ísliughadh, cailleamhaint, meath, socrughadh, maolughadh, traochadh, bruic, tárlachtaint. Lé tuitim na hoidhche bhuail an duine iasachta chugham isteach: lé luighe oidhche. Sa bhfóghmhar cromann an duilleabhar ar thuitim: ar scaramhaint lé n-a ghreim is sileadh anuas go talamh. Is diail mar tá sé ag tuitim lé déidheannaighe: ag cromadh, ag dul in aindeisighe is cuma na haoise ag teacht air. Mar chidhm ar an bpáipéar, tá tuitim ar stoc: an luach luigheaduighthe. Ní dheaghaidh aon tuitim ar an dtuile, tá an abha chómh borrtha agus bhí sí riamh: aon trághadh ar an uisce. Déarfá go bhfuil an ghaoth ag tuitim, ní bhrathaim an seórdán céadna ar an simné: ag lagughadh. Ní bhíonn tuiteam focail ar an té a chongaibheas a bhéal dúnta: ní stroilleann aon rud uaidh nár mhaith leis. Bhíos ag tuitim dom chodladh nuair buaileadh an doras go deaghair agus amach as an leabaidh liom: suan ag teacht orm. Nára tuitim suain duit, mar is fada ó fhágais í (leabaidh) agus an strus go

léir atá beartha ort ó shoin (leamhas): do chodladh nár thagaidh ort. Ó thuitim na Saesar ní raibh creach budh mhó: raon: maidhm. Ní tuitim go leisce éirighthe: is é an tuitim is measa an tuiteam gur deacair le duine éirghe uaidh. Tuitim gan éirghe ort!: go bhfanair ar lár! lé duine aindeis nó a thuiteas gan chúis nó lé haon rud a chrádhfadh thu. Fuaireas tuitim an-ghráineamhail den gcapall, ní mór ná gur deineadh pairseach dem chloigeann: leagadh. An oiread san ólta aige gur ag tuitim 'sag éirghe do shroich sé an tigh: leagaidheacha dhá bhaint as go mion tiugh. Dá mbeadh tuitim ar an dtaoide ní bheadh an fharraige chómh garbh: ísliughadh: trághadh. Tá sé ag tuitim as a sheasamh lé tuirse: níl sé i ndán fanacht ina sheasamh. Tá sé ar tuitim an drísle: ní fios cad é críoch nó toradh bheidh air. Ní bheinn ag tuitim leat a thuilleadh: ag broic leat. Is fada ag tuitim lé chéile iad: ag gabháil lé chéile: ag treabhadh tríd an saoghal trí mhín is gharbh. Ná cuir aon nath i rud mar sin, tá a leithéid ag tuitim amach gach aon lá den tseachtmhain: ag tárlachtaint. Níl aon tuitim agam leis ach an oiread leat-sa nó lé héinne eile: aon léighe: báidh: claonadh méine. Na daoine ag tuitim leis an ocras ar nós na sacán sa tsioc: ag fagháil bháis. Bead ag tuitim i bpeaca agat: ag déanamh an pheaca. Is baoghalach go bhfuilir ag tuitim i ngrádh léi: cion ag teacht aige in áit ná raibh. Is é ag rith lé n-a anam leig sé dá hata tuitim: sileadh uaidh ar an dtalamh. Ná leig don leanbh tuitim ar do bheatha: ná scaoil uait é, nó ná leig do é do leagadh. Talamh tirim seadh é, tá tuitim ag an uisce ann: fánaidh leis an dtalamh is mar sin, rith ag an uisce. Díreach ag tuitim an tséithleáin 'on loch do scéidheann na bric: mar a bhfollamhuigheann sé isteach innte. Iomard éigin ag tuitim in aghaidh an lae orm: ag tárlachtaint dom. Fiacha ag tuitim orm agus gan aon rud agam chun a ndíolta, ná foillse chuige: ag teacht is ag dul i méid. Cad tá ag tuitim ort lé déidheannaighe ná fuil aon anam ag fanacht ionat: ag tárlachtaint duit. Ní haon am duit bheith ag tuitim siar anois: ag cnúbháil: ag dul chun deiridh. Múscail thu féin, táir ag tuitim ar do thóin ar fad: ag ceileabhradh, ag meath. Ar thuitim don drúcht tagann fonn ar an ndroichsheirbhíseach: ró-dhéidheannach um thráthnóna: nuair bhíonn a thuilleadh ag stad. Fan leat, ní fada go bhfeicfir iad san ag tuitim amach lé n-a chéile: go mbeidh easaontas eatartha. Dá fhaid bhíodar amuigh lé chéile táid ag tuitim isteach lé chéile airís: ag déanamh muinnteardhais. Ag tuitim ar mo smúsaigh le haois: ag cromadh chun talmhan. Ná bacaidh san, coimeádaidh an ionga dhearg air, beidh an obair ag tuitim linn i ndiaidh a chéile: beimíd ag baint smut ar smut aiste. Cad é sin ag tuitim thiar asat?: ar sileadh leat, mar bheadh giobal. Indé bhí a dhá oiread maoidhimh agat, is mór an tuitim agat é, ambás: an maolughadh. Is mór an tuitim báistighe bhíonn tímcheall na gCruach nDubh: túirleang. Ghuidh sé mallacht Dé do thuitim air má chorróchadh sé cos: do theangmháil do. Táid ag tuitim ar a ndeireadh le hocras: ag siolagar: an choisidheacht dá chailleamhaint aca. Táir ag tuitim ar meisce: í ag teacht ort. Ag tuitim i ndrúis: ag déanamh drúise. Bídh ag tuitim i leathtaoibh uaidh chun slighe do dhéanamh do: ag géilleadh ar thaobh. Táid ag tuitim as an imirt ar fad: ghá tréigean: ag meath uirthi. Lé tamall anois tá sé ag tuitim chun feóla: breis fheóla ag teacht air: ag dul i mbeathuightheacht. Seachain thu féin nó beir ag tuitim chun na haindeise: ag dul innte. Táim ag tuitim chun aoise is mo chnámha ag cailleamhaint orm: an aois ghom bhualadh go trom. Bhíodh san fiadhain glan i dtúis a shaoghail, nách mór tá sé ag tuitim chun céille: ciall is stuidéar ag teacht do. Bhíteá mín, lághach, táir ag tuitim chun ciotarúntachta: tá duine ait, do-thuigseanach ag déanamh díot. Ar thuitim dá shúile: ar dhúnadh dhóibh. Táir ag tuitim i gclódh t'athar, an amadáin etc.: a chuma ag teacht ort. É thuiteam le haill sin é d'imthigh air: síos dá scéimh go cladach. Beam ag tuitim le fánaidh

sara fada: ag gluaiseacht. D'fhóbair tuitim i laige leis an scannradh do chuir sé orm: laige do ghabháil an barra buadha orm. Sé crích bháis a bhí air é do thuitim i gceann a chos: a threascairt ar an láthair go raibh sé. Níor bhaoth leis an laoch tuitim trí shearc di: bás d'fhagháil lé grádh dhi. Allus ag tuitim liom lé strus na hoibre: é ag teacht ina shlaodaibh. Cainnt ag tuitim uaithe ar nós na meala: líomhthacht úrlabhra aice. A chuid ag tuitim uaidh lé heagla: imeagal air. Ná bíodh do chroidhe ag tuitim go fóill ort, níl an lá fós orainn: ná bíodh dolbhach ag teacht ort. Is mór an tuitim sa tsaoghal aige é – ag lorg a dhéirce anois, is na mílte sa bhannc tráth aige: an teacht anuas: maidhm. Ní fiú puinn an sean-bhád san, tá sí ag tuitim as a chéile: a fáisceanna ag bogadh. Budh dhóigh leat go mbeadh an t-aer is an talamh ag tuitim ar a chéile leis an anamhóin a bhí air: ag bualadh ar a chéile. Níl aon rud ar tuitim léithe siúd: ní haon óinseach í. Agus an tigh díreach ag tuitim i ngabhal a chéile ag an dtóiteán seadh d'éaluigheas ón dteine: na fallaidhe ag scéidheachtaint 'sag teacht anuas i ngach treó.

tuitim: *b. n-a.* túirlingim, silim, claonaim, laguighim, luigheaduighim, ciúnuighim, scaraim lé, teipim, athruighim, tarluigheann dom, labhraim, téighim i gcrích, scaoil. Thuiteas ar bhior mo chinn: treascradh me is buaileadh mo cheann fúm. Tuiteann sé ar a thóin an uair is mó bhíonn dóchas as: teipeann sé. Nách breágh gur orm do thuiteann an crann i gcómhnaidhe: gurb orm a bhíonn an mío-ádh nó orm rud do dhéanamh seachas éinne eile. Cé ar a thuit sé dul 'on chonntabhairt?: cé hé go raibh sé de chrann air? Tuiteann deoch an-luath air: goilleann sí air: tagann meisce gan ró-mhoill air. Thuit an deoch orm-sa: bhí orm díol aiste. Sí an aigne atá agam ar an uain seo go dtuitfead leis nó go dtuitfidh liom: go gclaoidhfear me mara gclaoidhead é. Tuifidh lá Nodlag ambliadhna ar an Aoine: sin é an lá den seachtmhain go mbeidh sé air. Go dtuitidh an oidhche ort maran fada ag teacht duit (eascaine éadtrom): mío-ádh ort. Is fearr an té a éirigheas 'ná an té a thuiteas: a théigheas chun cinn ná a théigheas chun deiridh. Tuiteann máchail éigin i gcómhnaidhe air: éirigheann mí-sheól do. Dá dtuiteadh a chodladh air b'fhearrde é: dá dtagadh suan. Thuit sé i ngrádh léi ar an gcéad amharc: bhuail searc di é. Thuit an t-anam tur te as: fuair sé bás obann. Nuair bhuail an pléascán an tigh thuit sé i ngabhal a chéile: scéidh na fallaidhe chun deiridh. Thuiteas ar mo bhéal is ar m'fhiaclaibh is goirtigheadh go dona me: leagadh me. Thuitfeadh do chroidhe ort nuair chidhfeá an crot dona a bhí air: chuirfeadh sé in ísle bhrighe thu: chuirfeadh sé mí-dhóchas ort. Dá méid anacra a rug air níor thuit sé in éadóchas: chongaibh sé a chroidhe suas. Thuit mo chapall orm nuair baineadh barra-thuisle as: leagadh é agus mise gur ghoill sé orm. Thuitfeadh an mío-ádh air pé áit go mbeadh sé: bhuailfeadh tubaiste éigin é. Thuit sé den ádh air gur bhuail cailín mín macánta air: thárlaidh an méid sin den sonas do. Thuit a mhúin uaidh le heagla: scéidh a chuid uisce dá aindeóin air. Níor thuit aon mhuirear ortha: níor thárlaidhe dóibh clann do bheith aca. Níor thuit gaoth, ná farraige i rith na hoidhche ach é chómh diamhair agus d'fhéadfadh do bheith: níor chiúnuigh gaoth ná farraige. Tuitfidh na barraidhe ar a dtóin leis an ndroichshín seo: sínfear iad: meathfaidh. Buaileadh é is thuit sé i gceann a chos: treascaradh ar an láthair go raibh sé é. Thuitfinn ar mo chosaibh leis an ocras sara loirgeóchainn greim bídh ortha: raghainn ar lár lé laige. Thuiteadar in iomar na haimiléise de dheascaibh a neamh-aire 'sa seiléige: tháinig mórán iomaird is aindeise ortha. Íocfar thu dréir mar thuitfidh leat: mar thuillfir. Tuitfidh mallacht na mbocht air, mar budh mhór é a ghéirleanamhaint ortha: tiocfaidh anuas go trom air. Dá gcloiseadh sé ná beadh aon bhiadh roimis um thráthnóna thuitfeadh an lug ar an lag aige: raghadh sé in éadóchas.

Thuitfeadh an ghruaig de lé canncar dá mbuaidhtí air: bheadh sé chómh cráidhte lé scadán. Ná tuit chun feóla mar bheifeá it aindeiseóir cheart: ná leig d'fheóil teacht ort. Thuitfeadh focal uaidh chómh maith lé cách dá airighe agus bhíonn sé: shleamhnóchadh dá aindeóin. Thuit dhá ghála cíosa air gan bheith ábalta ar díol: ránguigheadar amuigh air. Tuitfidh an chír fós aige: imtheóchaidh mórchuid den meas de. "Dá dtuiteadh amach lé teas na hóige": dá dtárlóchadh. Ró-fhada do thuit sé lé n-a mhnaoi is an neamh-chion a bhí aice air: a bhruic léi: a bhí sé ag foidhneamh léi: ag cur suas léi. Do thuit an tón as Nóra Chríonna (ainm sean-phota luinge), is d'imthigh na gabhair ar fuaid na taoide: bhris sí as a híochtar. Ag déanamh ar mhaidin thuit an tón as an saoghal: phléasc sé ar dhuartan uathbhásach is ar ghaoith mhóir. Tuitfidh an t'ainmhidhe drom thar n-ais san áit achrannaigh sin agus goirteófar é: tógfar a chosa os a chionn. Dá dtuiteadh an tigh air budh dhóigh leat ná déanfadh sé aon bhascadh: ag foillsiughadh an nirt a bhí ann.

tuitimeach: (**tuiteamach**) *a.* so-stroillte, cinneamhnach, inmheallta, earraidheach, tuisleach. An galar tuitimeach: galar ar an inchinn go dtuiteann an duine leis go leanann freangaidhe mearbhallacha é. Níl aon cheal aighnis air seo, níl sé tuitimeach i dteangain: aon locht ná easbhaidh ar a úrlabhra.

tuitimín: *f.4.* tuiteam beag, fánaidh bheag. Ní raibh ann ach tuitimín na hoidhche díreach, thabharfá rudaidhe chun cruinnis go maith: an dubhar ag tosnughadh ar theacht anuas. Ní bhfuair sé ach tuitimín, cad é an mhaith sin, goirtigheadh é cad dhéanfadh an t-aos?: tuiteam nár bh'fhiú biorán is é dar le duine. Níl ach tuitimín ag an dtalamh, ní mór go bhfuil rith uisce leis: fánaidh bheag.

tuithte: (**-tithe, tuitthe**) *a.r.* treascartha, tógtha lé, leagtha, íslighthe, traochta, tugtha. Tabhair dho rud éigin lé n-itheadh, tá sé tuithte leis an ocras: silte. Tigh tuithte: fothrach. Tá sé ina fhear tuithte: crannda, aosta. Níl puinn lútha ionam anois, táim tuithte san aos: mórán mór bliadhanta tagtha orm. Lé mí tá stoc tuithte go mór: an luach dulta i luighead. Níl an taoide tuithte fós: íslighthe. Tá an císte tuithte leat, ar mh'anam: é nách mór ithte agat. Táir tuithte chun builg: coimpléas mór tagaithe dhuit. Má dhéinir deabhadh béarfair ortha gan bheith tuithte ina gcodladh rómhat: iad gabhtha i suan. Níl mórán tuithte fós ort: níl puinn fiach ort. Croith suas thu féin, tá tuithte fút ar fad: an t-anam 'san spirid imthighthe asat.

tulach: *f.1.* teallach gabhann. Tá mo chroidhe ina thulach ceárdchan ag mo chloinn: chómh dubh lé gual: brónach, duairc, buadhartha. Cad a smear thu? táir chómh dubh lé tulach ceárdchan: ciardhubh.

tulach: *b.2.* cnocán, carn, meall. Is dána gach madra ar a thulaigh féin: a mhacha féin, ar a charn aoiligh féin: i mbéal a dhorais féin. Ní maith ar thulaigh ná ar thráigh é: ar muir ná tír: in aon áit. Ní bean a gheóbhadh sé le pósadh ach lán tulaighe: na sluaighte. Is dána gach fear go tulaigh: bíonn meisneach go éinne go dtéigheann sé i gcródh na himeartha. Is maith do dhuine bheith ar a thulaigh féin: ar a chuid féin: sa bhaile.

tulca: *f.4.* tuile, bróin uisce; duartan, dlúimh mhór. Ní maith an tuar na tulcaidhe sin laistiar: bróinte móra, troma, diamhaire scamall. Téighimís fé scairt ón dtulca: cioth trom

fearthainne. Tagann fearg ina tulcaidhibh air, is ní maith an earra annsan é: taomacha troma. Sin í an abha ina tulca: borrtha: buinne, tuile innte. Bhuail tulca éisc an líon, budh dhóigh leat go raibh breac i ngach mogall: bulc trom. Dlúimh mhór, iomadamhail cainnte ag teacht ina tulcaidhibh uaidh: go líomhtha, flúirseach. Tháinig tulcaidhe gáiridhe ar a raibh istigh ge n-a ghreanmhaireacht: trithidhe troma. Bhuail tulca farraige an long ar a ceathramhain thosaigh is rúid í mar rúidfeadh corc: uain mhór, throm. Ghluais na saighdiúiridhe ina dtulcaidhibh isteach ’on dúthaigh ó gach aird, gur dhóigh leat ná raibh ann ach iad: diorma móra.

tulcach: *a.* cnocánach, cnocach, daibhceach, soifheirge. Talamh do-shaothair seadh é, tá sé tulcach: lán d’árdánaibh. Duine tulcach seadh thu, ní leóimhte ag éinne focal do rádh leat ach mar éirighir chuige: go dtagann ríodhganna feirge air.

tulcghail: *b.3.* do theacht ina thulcaidhibh, i ndlúmhaibh. Ní fhéadfadh neach corruighe ag an dtulcghail báistighe a bhí ann: báisteach ina bróintibh troma. Tháinig tulcghail ghuil air nuair bhuail an máighistir é: phléasc sé ar ghol go fuidheach. Ní maith an geamhar é siúd nuair thagann tulcghail fheirge air: fearg chómh trom san is go mbíonn sí ghá thachtadh.

tulcaire: *f.4.* balcaire, duine soi-fheirge, do-thuigseanach. Nách tú an tulcaire agam, maran deacair focal do labhairt leat: duine do-thuigseanach gur furaiste smailc do chur air. Níl an tulcaire garsúna úd gan fuinneamh ina chorp, féach an déanamh atá air: láidir, teann.

tulcaireacht: *b.3.* mío-shástacht, do-thuigseantacht; claontacht le suthaidheacht nó gol. Cuir uait an tulcaireacht, má tá cúis ghearáin ag éinne ní agat-sa é: suthaidheacht: aingidheacht: doirbheas. Uaireannta ní dhéanfaidh sé lán do bhaise ort tagann tulcaireacht air: stalcaidheacht: ceanntréine.

tulcais: *b.2.* dlúimh mhór, bhog, aindeis, tútanálaidhe. Ní mór go bhfuil innte siubhal, tá tulcais déanta dhi: aindeiseóir mná. Níor thugtha dhuit aon bhráig do chur ar an dtulcais, d’éireóchadh sé chughat: duine do-thuigseanta.

tur: *a.* tirim, gan sughlach ná taisireacht, neamh-inspéise, meathluighthe, grod, neamhchneasta, obann, scúighte. Is í a thóg a clann go harmacamhail, níor thug sí greim tur riamh dóibh: gan annlann. Arán tur dhá itheadh aige: gan ím air ná aon tsaghas dighe leis. Te tur é seo: gan faic leis ach an t-arán féin: gan iasc, feóil ná aonnidh mar sin. Thuitfeadh an t-anam tur te asam sara dtabharfadh greim lé n-itheadh dhom: ar an dtoirt. Daoine tura, neamh-maitheacha, nár lugha ort an sioc ná turus do thabhairt ortha: ní bhfaghfá sásamh, sult ná greann ionta, ná ní chuirfidís comaoin ort. Leigeadh dom na prátaidhe d’itheadh tur: gan aon tsaghas annlainn leo: “an práta beag leis an bpráta mór”. Scéal ró-thur a bhí dhá léigheamh agam, d’éirigheas as: scéal ná raibh iontsuime: ná faghadh duine blas ná dath air. D’iarras go hathchuingheach, eitigheadh go tur me: go grod: neamh-chneasta, neamh-chaoin. Má fhiafruigheas di, is freagra an-thur do thug sí orm: gan puinn ceannsachta ag roinnt leis. An-thur atá an síol san ag teacht, ní mór an toradh a bheidh air: meathluighthe. Taidhbhsigheann sé an-thur dom mar dhuine, ní dóigh

liom go dtéidheamhóchadh mo chroidhe choidhche leis: gan teacht aniar ann: neamh-ionspéiseamhail. Bhíos bailighthe dá chuid óráididheachta bhí sé ró-thur: ní fhéadfá suim do chur ann.

túr: *f.1.* tógáil árd, dhaingean chun cosanta; caiseal. Cuireadh i dtúr fé thalamh é in áit ná raibh solas an lae ghá shroichstint: i gcúlbháidh dhorcha. "Agus adubhradar, gluaisidh, déanam cathair dhúinn féin, agus túr a roitheachaidh a bharr go neamh, etc." (Gen. XI. 4): tógáil árd, dhaingean chosanta: a thúir Dháibhí. "Óir do bhí tu 'ot fhascadh agam ad thúr láidir ó aghaidh na namhad" (Sailm LXI. 3): dídean. "Is túr daingean ainm an Tighearna; riothuidh an fíréan chuige, agus bhí sé daingean" (Seanráidhte XVIII. 10). Túr nirt dúinn tu: cosaint gan eagla.

turaire: *f.4.* duine neamh-ionspéise, tirim, neamh-chaoin, a íosfadh nó a chaitheas itheadh gan annlann. Is tú an turaire chun na hoidhche do chaitheamh it fhochair, focal ní bhfaghad uait ach nuair labharfad leat má ghaibhim an uair sin féin: duine neamh-chuideachtamhail. Garrdha lé feóil, dhá gharrdha lé hiasc is d'íosfadh an turaire an saoghal mór: an té a bheadh ar phrátaidhe amháin, toisc gan an t-annlann. Táim im thuraire le mí, níor itheas ach an greimín aráin: gan aon annlann. Na turairidhe bochta, is mór agus is géar d'fhuilngeadar na bliadhanta i ndiaidh na gorta: ná bíodh aca ach an ghreim.

turaireacht: *b.3.* tiormacht i mbiadh, neamh-chaoineas, grodas, neamh-ionspéis. Tháinig an turaireacht leó ar an bhfarraige go rabhadar ag tumadh a gcuid aráin sa tsáile: tiormacht: deacracht an bhídh do shlogadh gan digh, gan annlann. Ní fhoidhneóchad aon phioc ded chuid turaireachta uait, teastuigheann umhlaidheacht uaim: grodas: grod-fhreagaireacht. Toisc ná faghainn sa tigh ach turaireacht d'árduigheas me féin chun siubhail uatha: beagán cainnte agus í sin féin grod, giorraisc. Ní raibh riamh agaibh ach an turaireacht, dá mhéid a bhí agaibh: an t-ocras lé cinnteacht!

turas: *f.1.* aistear, cúrsa, triall, taisteal, cuaird, oilithreacht, cuaird ar thobar naomhtha, sean-mhainistir, etc.; uain, ócáid. Tá do thuras tugtha agat: táir thar n-ais thar éis cuairde áirighthe do thabhairt ar bhall éigin. Tabharfad turas oraibh go luath, sé an náire dhom a fhaid ó chuadhas d'bhur bhfiosrughadh: tabharfad cuaird éilighthe oraibh. Idir éigean is cuimhin liom an chéad turas do thugas ar an nDaingean, nách liom dob ait na sráideanna: cuaird. Bíodh leat an turas so, ach má dhéinir a leithéid airís díolfair go daor as: an uair, babhta seo. Sé do thuras-sa imirt anois: t'uain: dréir riaghalacha an chluiche tusa is ceart d'imirt. Beidh do thuras in aistear is baoghalach, mar an té go bhfuilir ar a lorg níl lé fagháil: beidh sé fuar agat: gan toradh. Ní hé an chéad turas agat ghá dhéanamh ná an turas déidheannach, is dócha: uair. B'é an turas séimh duit é teacht, féach an foiscealach luachmhar atá ag imtheacht agat: an cúrsa áidh. Turas séin duit!: go n-éirighidh do bhóthar go geal leat. "An ólfair é seo?" – "scaoilfead tharm an turas so é": ní bhacfad leis an babhta so: de chion na huaire seo. Ná tagaidh isteach in aonfheacht, tá an áit ró-chumhang – duine sa turas: duine amháin gach uair. Cad chuirfeam síos sa turas: ar gach cluiche. D'aon turas do rinne sé é, ní haon mhaith do bheith d'iarraidh do chur ina luighe orainn gur chinneamhaint é: lé n-a thoil. Budh cheart go mbeidís ar a dturas anois: ag gluaiseacht ar a dtaisteal. D'fhan sé liom i dturas is go mbeimís in aonfheacht: ionnas: i

dtreo. Turas na croise. Fiche turas ist ló d'íosfadh an t-amplór sin, dá bhfaghadh sé é: uair. Cuirfear turas ort féin anois an teachtaireacht seo do dhéanamh dom: beidh ort dul as do ghnáth-bhealach: cuirfir as duit féin. Thugas turas na croise: thugas cuaird na bpeictiúiridhe a fhoillsigheas Páis ár Slánuightheóra i dteampall caitliocaidhe maidir le paidreachaibh a ghaibheas leo do rádh. "Turas atá rómham ná foghnann moill do is iomad den ghnó annso fós gan éisteacht": an bealach atá orm do thaisteal. Is aoibhinn liom éisteacht le turas na habhann oidhche mharbh, uaigneach: a cúrsa (glórach). Is iomdha turas a thug sé isteach d'iarraidh teacht suas leis an airgead: cuaird is cúrsa. Gidh gur maith turas is troscadh is crábhadh is fearr daonnacht is féile: oilithreacht ar bhall séanta. Cuimhnighimís ar an dturas fada atá rómhainn: an tsíorraidheacht. Na trusanna go léir a thugann sé: taistil. Céad turas adubhart leis a bhéal d'éisteacht: uair. Seadh, tá sé ar a thuras is ní haon náire dho é, bhí aos maith aige: ar an slighe chun na roilige. Tá an bhean ar a turas: ar a haistear: clann ar iomchar aice. Níl sé ró-mhaith mar thriubhas ach bhainfeadh duine turas as lé linn gábhtair: seal. Níl aon turas dob fhearra dhuit an braon té 'ná ar maidin: tráth a thógtha. Bhain an capall turas asam: b'éigean dom dul tamall d'iarraidh teacht suas leis. Baineadh turas asam, ní bhfuaireas aon tobac thar éis me shiubhal chúig mhíle ag súil leis: cuireadh díombáidh orm. Turas Gobnaitean: an oilithreacht do déintear i gcuimhne uirthi. Bíonn turas an lae shamhraidh ró-fhada don té a bheadh ag obair cruaidh: cúrsa. Tháinig sé turas ach ní tháinig ó shoin: uair amháin. "Agus ag déanadh iongantais don óglach, do bhí 'na thochd dá fhéachain a ndeárna an Tighearna a thuras sona nó nách ndeárna" (Gen. XXIV. 21): taisteal. Ag dul in olcas atá sé ó thuras go turas: ó am go ham.

turasach: *a.* taistealach, cuairdeach, eachtrach. Ní chuireann sé a chos fé choidhche, duine turasach seadh é: a bhíos do shíor ag gabháil tímcheall nó ag déanamh taistil. Bíonn sé turasach go maith orainn: tagann sé go minic ag triall orainn: ar cuaird chughainn. Ainmhidhe turasach: bradach, atá claon lé fánaidheacht ó n-a fhagháltas féin.

turasánta: *a. n-dh.* mór-chuairdeach. Shiubhaluigh sé mór-chuid dúthaighe, duine turasánta an buachaill. Daoine turasánta bíd eolach: iad so a thaistealas.

turasadóir: *f.3.* taistealaidhe, duine a thugas geádhanna nó breabhaideanna. Bheadh sé annso ar an mbaile seo anois, agus fiche míle as tráthnóna, is diail an turasadóir é: duine a ghluaiseas ó áit go háit. Bíonn mórán turasadóiridhe chughainn is uainn: daoine ag tabhairt cuairde orainn.

turasadóireacht: *b.3.* taistealacht, gluaiseacht idir áiteannaibh. Is mór an turasadóireacht a bhainis asam d'iarraidh tú d'fhaghail: gur thugas cuaird ar a lia áit. Ná bí ag turasadóireacht leis, ach beir é go léir in aonfheacht leat: ag teacht 'sag imtheacht. Ní hí an obair in ao'chor is measa dhom ach an turasadóireacht ar fad a bhaineann sí asam: an siubhal thall agus abhfus.

turasóir: *f.3.* siubhaladóir, cuairdeóir. Sa tsamhradh gaibheann mórán turasóiridhe tímcheall annso lé háilne na háite.

turasóireacht: *b.3.* do dhéanamh breabhaideann. Thug sé an oidhche ag turasóireacht ar an mbuidéal: ag dul fé n-a dhéin go mion minic chun a ólta. Is iomdha turasóireacht déanta riamh aice ag bailiughadh a déirce: í dulta thall 'sabhfus ó bhall go ball ag síor-lorg. Ná bíodh aon turasóireacht ort 'on bhaile mhór, ach beir oiread d'aon turas leat is dhéanfaidh ar feadh mí thu: teacht is imtheacht go mion is go minic. Baineann ainmhidhthe turasóireacht an domhain as dhuine: bíonn air bheith ar siubhal ag tabhairt aire dhóibh. Téighimís ag turasóireacht soir fén ndúthaigh: ar cuaird.

turcach: *f.1.* duine dúthchais leis an dTurcaigh, tíoránach. "Fógraimís an ghorta go tír na dturcach ó anocht go bliadhain ó anocht agus anocht féin a bh'áil lé Dia", duain Nodlag nuair buailtear bollóg ar an ndoras iadhta Oidhche na Coda Móire agus baintear greim aiste ar gach teangmháil. Ní dhéanfá le turcach an rud do dhein sé liom: leis an nduine is gráineamhla. Ní haon truagh bheadh ag eisean duit, turcach ceart: tíoránach: anchúinse.

turcachas: *f.1.* tíorántacht, anchúinseacht, cruadhálacht. Budh mhór an turcachas dóibh an biadh d'árdach ós na daoinibh agus leigean dóibh bás d'fhagháil leis an ocras: anchúinseacht: barbaracht.

turcaidhe: *f.4.* an t-éan. Beidh meadhon oidhche an turcaidhe ann sara sroichfid an tigh, tá an leadrán riamh dá leanamhaint: midhe mhairbh na hoidhche.

turn: *f.1.* túirne. Dreatháir don ghrafán an turn: cómhdhuaibhseamhail iad.

túrnach: *a.* millteach, bascaitheach, fíochmhar, claoidhteach. An fharraige budh thúrnaighe lé cuimhneamh na hoidhche, is í a tháinig agus a scuab 'sa réab roimpe faillteacha is calaidhe: b'fhíochmhaire. Gach stiall thúrnach ag an Rúis is an Almáin dhá thabhairt dá chéile, Cathair Stailín go bhfuil na mílte dhá threascairt is scrios ar armáil: fíochmhar. Budh thúrnach an rud dom labhairt leis, is an ghráin mhairbh agam air: b'úiríseal, budh cheann-fé dhom.

túrnáil: *b.3.* do chur luinge nó báid tímcheall ó threó go treó chun na gaoithe do thabhairt sa taobh eile dhi dréir a tosaigh chun dul ar an ngaoith. Thug an bád an oidhche ag túrnáil sa bhádh d'iarraidh an chuain do bhaint amach: cúrsa sall 'sanall aice d'iarraidh éirighthe ar an ngaoith.

turnamh: *f.1.* tuiteam, túirleang, ísliughadh, staonadh, cosc, claoidheachtaint. D'éirigheas túirseach de bheith ag marcaidheacht is do ghníos turnamh chun sosa: thánag den ainmhidhe: thúirlingeas. Táimíd tnáidhte ag an mbóthar, déinimís turnamh ar feadh tamaill is searraimís ár gcnámha: téighimís i bhfeidhil suis. Táim dhá thurnamh ag an saoghal, ní fada is fear me aige: dhá shuathadh: dhá chlaoidhe. Bain díot an t-ualach san, táir dhá thurnamh aige: dhá bhrughadh is dhá thnáthadh. Truagh turnamh ár laoch, cé hé is taca anois dúinn go bhfuilid ar lár: treascairt. Níl aon rud do chuirim rómham do dhéanamh ná go mbítear ghom thurnamh: ag déanamh tránais orm. Turnamh dóchais díth múirne: an lá imthigheann an grádh imthigheann dóchas.

túrnuighim: *b.a.* suathaim, treascraim, tuirsighim, brónuighim. Fan uaim amach is ná túrnuigh me, táim cortha mo dhóthain cheana: ná suathaidh. Túrnóchaidh an saoghal fós é sin, creid mise leis, dá mhéid lán anois fé: buailfidh a cheann fé dho. Thúrnuigh báiseanna is fiacha an duine bocht, ní hiongadh dho clódh claoidhte do bheith air: thraoch é.

túrnuighthe: *a.r.* claoidhte, tuirsighthe, suaidhte. Ná bí chómh túrnuighthe traochta ag an gcúrsa, caith siar an braon san, cuirfidh sé anam ionat: claoidhte: in ísle bhrighe. Bíonn m'aigne túrnuighthe uaireannta is ná feadar cad aige: cráidhte, claoidhte.

turraic: *b.2.* sáthadh, ionsaidhe, súnc. Sháthaidh sé a lámh im choinnibh agus den turraic sin do chaith leis an bport me: súnc. Níor mhór nár brughadh sa doras me leis an dturraic a fuaireas sa doras ón sluagh: caitheamh is suathadh. De thurraic chuaidh sé thar thuile na habhann: d'aon tsáthadh tapaidh obann.

turraing: *b.2.* treascairt. leagadh, tuiteam, claoidhe, ionsaidhe, crágadh, suathadh teangmhála. "Tar éis mo chumainn, mo thurraing mo ghrádh dhóibh": an bhaint agam leó. Ag teacht de dhruim an chlaidhe don mbuin fuair sé turraing gur chaith sí marbhlaogh uaithe: suathadh. Níl aon turraing uilc agam duit: aon ríodhg ná smaoin. Scoilt an charraig ghlas le turraing na farraige: an réasach a bhain gach tonn tréan aiste. Ghoirtigh turraing mo dhuirn: an fuinneamh a bhraith sé nuair teangmháladh leis. Turraing éigin do fuair cos an leinbh is í bheith chómh hataithe, dearg san: tuiteam. Goilleann turraing na Frainnce ar gach éinne idir namhaid is charaid: raon: maidhm.

turraingeach: *a.* fíochmhar, ionsaidhtheach, tubaisteach, tuisleach. An fharraige thurraingeach ag stialladh gach rud a thagadh in a slighe: fiadhain, fíochmhar. B'é sin an siubhal turraingeach dom san bhfochair shleamhain, na cosa dhá bhaint uaim gach ré céim: tuisleach, tuiteamach. Stiall thurraingeach dúinn an chathair do thógaint orainn agus bráigheanna do dhéanamh des na céadta mílte dhínn: buille tubaisteach catha. Thug sé buille turraingeach sa phlaosc dom a chuir reiltínidhe orm.

turscur: (**turascar**) *f.1.* toradh, fuighleach, etc. Turscur mara: feamnach, etc. Chuaidh mo dharadha ceangailte i dturscur an locha is d'imthigh an t-iasc uaim: salachar. Díoltar furmhór turscuir na talmhan ar an mbaile annso in aice linn: na torthaidhe thugann. Tháinig sé féin 'sa thurscur airéir: cóiste, capaill is a chuid leanamhna.

turtóg: *b.2.* cnocáinín, cnapán ar an dtalamh. Turtóg aitinn: tom. Ní raibh sé ró-luaimneach agus bhítheas ghá leagadh sa doircheacht ameasc na dturtóg: cnapáin ar thalamh mí-réidh mar bhíonn ar uachtar cnuic. Caitheadh na túrtóga do leagadh chun casáin do dhéanamh: cnapáin. Níl siubhal ná rian ag an dtúrtóig báid sin: bád gan líomhthacht, gearr, árd dá fhaid. Oidhche shuaidhte a dóthain dob eadh í, bhí túrtóga maithe (farraige) aniar ann: cnapáin: tonnaidheacha gearra, árda. Turtóg mhná: bean theann, théagartha, íseal. Turtóg fraoigh: cnapáinín talmhan is fraoch ag fás air.

tútacht: (**tútaidheacht**) *b.3.* reimhre, aimillidhtheacht, gairbhe, suthaidheacht, neamh-mhiochaireacht, aindeisidheacht. Toisc an bharra-liobair a bhí ar mo mhéireanntaibh ní

fhéadfainn breith ar aon rud leó lé n-a dtútacht: aindeise is crapthacht. Ní thaithnigheann sé liom a thútacht is luigheann mo chuid éadaigh orm, níl sé déanta ró-shlachtmhar: a neamh-líomhtha toisc ruic do bheith ann. An tútacht i gcómhnaidhe ná féadfadh neach focal do labhairt leis gan é d'alpadh aige: neamh-chaoineas. Nílir oireamhnach d'aon chuideachtain, tá an iomarca tútaidheachta ag baint leat, ní fios cad dhéanfá ná déarfá a bheadh bun os cionn: tuathallacht. Labhair go mín anois mar labhartar leat, agus cuir uait an tútacht: an tsuthaidheacht: neamh-mhiochaireacht. A thútacht agus chuirir chun ruda do dhéanamh: neamh-chlisteacht: aindeisidheacht. A thútacht a bhíos mála garbh seachas síoda: reamhar leis an dtadhall.

tútaire: *f.4.* duine aindeis, tuathallach, salach. Ní fearrde éinne go mbeadh baint aige leis an dtútaire sin, tá sé salach barcach ó mhullach a chinn go bonn a chos: duine bréan. Féach ar an dtútaire ag itheadh, ná cuirfeadh sé náire ar aon chríostaidhe: duine tuathallach, neamh-shlachtmhar lé n-a chuid bídh.

tuthaire: *f.4.* duine giorraisc, neamh-miochair, bruachaire, bruadaire. Níl aon ghnóth agam ag imirt lé tuthaire, ní theastuigheann gleódh ná aighneas uaim: duine ná féadfadh a bhéal d'oscailt gan bheith tarcuisneamhail. Budh mhar a chéile dhom eólas na slighe do chur ar an dtuthaire le hé do chur ar madra, ní freagra mín ná tláith gheóbhainn uaidh: duine neamhmodhamhail, neamhmiochair. Sin é an tuthaire nuair is maith leis é: duine giorraisc.

tútaireacht: *b.3.* tuathallacht, aindeisidheacht. Ní gleóidhte an rud do dhuine tútaireacht tímcheall bídh gan itheadh go meónamhail: alpaidheacht: cur chuige mar chuirfeadh ainmhidhe. An tútaireacht atá air leis an bhfeóil: ghá hitheadh mar bheadh madra is sughlach ar sileadh leis. Ná bíodh aon tútaireacht chainnte ort ach labhair i slighe go dtuigfear thu: deithneas is doiléire.

tuthaireacht: *b.3.* suthaidheacht cainnte, bruadaireacht, gearr-aighneas, bruachaireacht. Ní cainnt mhín do gheóbhfá uaidh ach tuthaireacht: aighneas míbhéasamhail. In ionad ruda do dhéanamh duit, mar dhéanfadh fear nuair hiarrfaí air é, ní bhfaghfá uaidh ach tuthaireacht: mí-bhéasamhlacht. B'fhéidir go gcuirfeadh duine éigin do chuid tuthaireachta siar ort mara mbeifeá aireach, béasamhail: teallaireacht: dánaidheacht tharcuisneamhail. Ní gheóbhainn tuthaireacht ó éinne, is cuma liom cé hé: déanamh nó cainnt easmailteach, ghiorraisc.

tútán: *f.1.* smúit, salachar. Trup agus tormán, toit agus tútán ort: greithileán is gleódh, deatach is smúit! Ní fuláir nó tá turas fada tugtha agat is an tútán bóthair go léir atá ort: smúit.

tútanáil: *b.3.* aindeisidheacht, útamáil ag déanamh ruda, abláil. Cad é an diabhal tútanála atá agat leis na cártaidhibh sin ná scughfadh amach iad: abláil méireann: cúigleáil, fútaráil. Mo thruagh-sa an té a bheadh ag feitheamh lé haon rud ód láimh-se, mar is agat a bhíonn an tútanáil: cúigleáil, abláil, tuaipleáil: ionnramháil aindeis. Ní spealadóireacht atá aige sin ach tútanáil: abláil, cúigleáil aindeis. Thabharfadh sé a lá 'sa shaoghal ag tútanáil

le rud: ag abláil: ag ionnramháil leis gan aon chrích do chur air. Ná bí ag tútanáil leis, ach déin é nó caith uait é: ag útamáil gan chrích.

tútanálaidhe: *f.4.* ablálaidhe, útamálaidhe, tuaipleálaidhe, ionnramhálaidhe aindeis. Níl aon ghnóth ag an dtútanálaidhe sin in aon tsiopa, chaithfeadh sé an lá sara bhfaghfá earra as a láimh: duine aindeis chun an ruda bheadh uaidh d'fhagháil go pras nó do síneadh uaidh. Ní haon tútanálaidhe a bhí ag déanamh na cathaoireach san ar a shlachtmhaire atá sí curtha lé chéile: duine neamh-chliste lé n-a lámhaibh. An tútanálaidhe bocht, níor cheart aon chúram, muirearach ná tábhachtach, do chur air: ionnramhálaidhe aindeis nó neamh-eólgach.

tútar: *f.1.* boladh breágh saidhbhir, súghlach saidhbhir feóla. Tiocfaidh tútar as an mairt saille sin: súghlach bríoghmhar. Bhí tútar go cluasaibh air lé subháilceas ithte na feóla: an sughlach a bhí ag teacht aiste. Chómh luath agus fuair sé an tútar tháinig an dúil mhairbh aige innte: an boladh bríoghmhar, cumhra.

tut-bhailbheacht: *b.3.* snag nó tuiseal cainnte, doiléire úrlabhra. Budh bhreágh an cainnteóir é mara mbeadh an tut-bhailbheacht atá ann, ní thagann a theanga go ró-shoiléir leis: an snag nó an bhacaighe úrlabhra. Imtheóchaidh an tut-bhailbheacht as nuair chloisfidh sé go rabhais ag tromaidheacht air: labharfaidh sé go teann, fuinneamhail. Cad í an tut-bhailbheacht atá ort, ní thuigeann éinne annso thu?: plub plub ag an dteangain. Nuair theastuigheann aon rud uaidh, ná bíodh aon eagla ort go mbíonn aon tut-bhailbheacht ann: cuireann sé é féin in iúil go soiléir. Tháinig tut-bhailbheacht ionam nuair chuaidh an freagra amudha orm: chromas ar stad is ar thuisleadh.

tut-bhalbh: *a.* snagach, tuisleach. D'ól sé an oiread san go raibh sé tut-bhalbh aige is nách mór go dtuigfeá an dara focal uaidh: stad is briseadh is neamhshoiléire ina chainnt. Táim-se tut-bhalbh, a chroidhe, cheal na bhfiacal: déinim glóra aite in ionad na bhfocal. Ní go tut-bhalbh a labhair súd leis, ach go daingean, dána: ní raibh stad ná tuiseal ina ghlór lé huamhan na scáinteacht.

tuthghail: *b.3.* gnúsghail chainnte, iomchar míbhéasamhail, aindeisidheacht, cinnteacht. Nách é scannrán na tuthghala é, ní thabharfadh sé blaise d'aonnidh dá mbeadh aige dhuit: suarachán an tormais. Cuir uaim do chuid tuthghala ach freagair me: mar bheadh miongháiridhe is fo-shiolla ná tuigfí. Nách iad lucht na tuthghala iad: gnúsghail chainnte mhíbhéasamhail. Cad í an tuthghail ar nós na muice atá ort, ach labhairt amach go dtuigfidh na críostaidhthe thu: gnúsghail: cainnt-chogaint.

tútmhar: *a.* lán de shughlach is de bholadh bhríoghmhar cumhra. "Feóil thútmhar mhéith a leighfeadh idir t'fhiaclaibh", ars an té go raibh dúil aige innte. Cuir 'san oighean í is chidhfir go bhfuil sí tútmhar: go dtagann mórán sughlaigh aiste lé saidhbhreas is méithe.

tútmhaire: *b.4.* aiste bheith tútmhar. D'íosfadh éinne í lé n-a tútmhaire, ach duine báis!: méitheas, sughlacht. An iongadh scáil do bheith ina leacain is neart ina chabhail, tá an tútmhaire riamh aige: biadh bríoghmhar is annlann dá réir. (Contrárdha an focail "**tuireacht**")

tuthóg: *b.2.* puth, méam, boladh. Bíonn tuthóg gaoithe anuas an simné do shíor againn: gaibheann sí anuas. Níor mhaith leat an fheóil do bhlas, d'éirigh tuthóg as an gcorcán ina raibh sí ag beirbhiughadh nuair baineadh an chlúid de: puth bolaidh.

U

uabhar: *f.1.* mórdháil, motháilt ghonta, goirtighthe, uaigneacht, tóstalacht, uaillmhian, corruightheacht. Nuair chonnaic sé a athair ag gabháil ar a mháthair tháinig uabhar air: fonn guil toisc a mhotháil chómh gonta. Nuair ná raibh a cheachtanna aige agus iad ges gach éinne eile is an máighistir ghá imdheargadh mar gheall air tháinig uabhar air: gonadh go beó é is tháinig fonn guil air. Is furaiste uabhar do chur air, leanbh mothálach seadh é: tocht. Chuirfeadh sé uabhar ort féachaint ar an ndún mar a mbíodh na sluaighte tamall ó shoin is gan anois ann ach beagán: uaigneas is tocht id chroidhe. Ná tagadh aon uabhar ort gur bhuaileas do chárta: ná goilleadh sé ar do stuaim. Chuirfeadh an Fhrainnc is an aiste atá uirthi anois uabhar ar éinne: chorróchadh sí chun deór do dhortadh duine. Uabhar mo mhuinntire: an mór-mheas atá aca ortha féin. Aingil an Uabhair: iad so ruaigeadh ó neamh trí easumhalaidheacht. Gan uabhar, gan maos gan mustar, is deacair locht d'fhagháil air: gan éirghe anáirde. Tá uabhar chun bruighne air toisc easonóra do thabhairt do: fonn chun díoghaltais. Ní huabhar uaisle: ní huasal an rud do dhuine uallach. "Do bhéarfaidh uabhar duine íseal é; acht coinneóchaidh onóir suas an duine umhal a spioraid" (Seanráidhte XXIX. 23): tóirtéis. "Uabhar na righthe 'sis ar imthigh thar sáile, nuair ná déineann sibh tuilleadh 'n-a n-áit díobh": an fonn chun breise do bheith aca nó an mhórdháil gan a ngreama do chailleamhaint. "As uabhar amháin thig an cheannairc; acht bí eagna ag na daoinibh deaghchómhairleacha" (Seanráidhte XIII. 10): mórdháil: mórtas.

uachais: *b.2.* poll taighdte, tuinn, uaim, scairt. Dhein an madra uachais isteach 'on choca do féin: réab sé poll do féin. Dhein an mhuc uachais sa pholl prátaidhe: clais mhór. Seachain thu féin, ná tuit 'on ghleann san, tá uachaisidhe móra ann: puill mhóra, dhoimhne, fhairsinge. Uachaisidhe móra, dorcha déanta ag an bhfarraige suas fés na faillteachaibh: uaimheacha.

uachtar: *f.1.* an chuid is aoirde nó is sia ó bhun, bárr, dromhchla, an aghaidh, an taobh amuigh; an fola téadh-bhuidhe, íleamhail a chruinnigheas ar bhainne nuair fágtar ina stad ar feadh tamaill é, an chuid den mbainne go ndéintear ím do lé suathadh; brollach, leathar na bróige a chlúduigheas brághaid na coise; an chéad gheárrcach; ceannas. Táid in uachtar anois agus tá go haonnidh ar a dtoil aca, ach b'fhéidir go mbeidís lá éigin in íochtar: i gceannas: tá an chómhacht aca. Fuaireadh báidhte ar uabhar trágha é: ar an bhfóraoil: an chuid is sia ón uisce: lastuas de bharra taoide. Cómhnuighim in uachtar an tighe: anáirde staighre: an chuid is giorra don mbuaic. Is gnáthach gur ar uachtar búird do shuidheann fear an tighe lé linn bídh: ceann an bhúird. Coimeád an t-uachtar ortha: os a gcionn: an lámh láidir. Céaca den ndís dhóirneálaidhthe go raibh an lámh uachtair aige: an buaidh. Airéir bhí an t-iasc in uachtar uisce: ar barra nó idir dhá uisce. Is deacair a rádh cé atá in uachtar an chogaidh fé láthair: go bhfuil an chuid is fearr aca dhe. Ó íochtar go huachtar na hÉireann níor fágadh ball gan cuardach do, gan tásc gan tuairisc d'fhagháil air: ón dtaobh thuaidh go dtín dtaobh theas. Budh cheart dúinn cuimhneamh anocht, an oidhche fhiadhain seo, ortha so atá ar uachtar na farraige: ar a hucht. Chuaidh an dubhán ina bhéal uachtair: an taobh anáirde dhe. Muinntir an uachtair budh bhun leis an achrainn: ón dtaobh san den bparróiste. "An uaisle b'fhearr chun fáin mar leaghadar is uachtar láimhe ag fáslaigh shaidhbhre": an chómhacht. Íochtar is uachtar is maith an t-

adhbhar cuiginne é. Táid in uachtar fós orainn (cártaidhe): chun cinn. Is maith na huachtair iad san ar do bhrógaibh: an leathar os chionn an bhuinn. "Nár iarraidh do lámh fuilg ná uachtar": deirtear lé duine go mbíonn beart mhaith déanta aige. An glór garg a bhí aige ghaibh sé amach trí uachtar mo chinn: mullach. Cad n-a thaobh t'uachtar do bheith leis? nách diail an bhrothall atá ort: do chorp ód chrománaibh anáirde. Uachtar an pharróiste: an chuid de i mbun cnoc. Tigh uachtair: mar a ndéintear an t-ím. Císte uachtair: go mbíonn uachtar ghá fhliuchadh.

uachtarach: *a.* níos aoirde, níos giorra do bharra, árd go maith. Céaca is uachtaraighe? (imirt): is sia chun cinn. Bhíos ró-íseal is an hata ró-uachtarach ní fhéadfainn mo lámh do shroichstint chuige: ró-fhada anáirde. Ránuigh an t-uisce ró-uachtarach sa chuas, níor bh'fhéidir linn bualadh: an taoide ró-árd is níor bh'fhéidir linn calathóireacht do dhéanamh. Is suaidhte, feargach atá na spéartha uachtarach anocht: thuas ar fad. Dá mbeinn níos uachtaraighe ar an gcarraig ní shroichfeadh an fharraige me: níos sia anáirde ón uisce. Súncáil do dharadha a thuilleadh, táir ró-uachtarach: níos giorra d'ucht na farraige. Táir ró-uachtarach fós, caithfir ísliughadh má tá fonn margaidh ort liom: luach ró-dhaor uait.

uachtaracht: *b.3.* cómhacht, ceannas. Níor mhaith an earra é dá mbeadh aon uachtaracht aige is a ughdarásaighe agus tá sé ar a luighead atá aige: cómhacht nó ceannas ar dhaoinibh. Tá an uachtaracht fós agam, cé go bhfuil suathadh mór dhá déanamh orm: an lámh uachtair. An bhfuil an uachtaracht agat air i gcómhnaidhe?: an ceannas.

uachtarán: *f.1.* taoiseach, ceann, fear cómhachta nó ceannais; an ceann is fearr ar ál, etc. Ní bhíonn ál gan uachtarán: ná go mbíonn ceann ortha níos fearr 'ná an chuid eile. Mise t'uachtarán aon lá ar aon rud a chuirfeá rómhat: fear is fearr 'ná thu. Is dual d'uachtarán umhalaidheacht: don té a bhíos i gceannas nó i bhfeidhm is ceart rud do dhéanamh air: déanamh dá órdughadh. Cé hé an t-uachtarán atá oraibh?: an ceannródaidhe: an teanga labhartha: an té a bhíos ina chathaoirleach, ina threóraidhe, etc. Uachtaráin ár gcreidimh: ár gcléir.

uachtaránacht: *b.3.* ceannasacht, cómhacht, treóraidheacht, flaitheas, tighearnas, uasacht. Níor mhaith liom aon uachtaránacht do bheith aige orm, is baoghalach liom go mbeadh sé dian orm: aon chómhacht aige orm. Is fada riamh go raibh aon uachtaránacht agam-sa sa tigh seo: aon bhuannaidheacht órduighthe do thabhairt ná riar do dhéanamh. "Agus ar na ngairm chuige d'Íosa adubhairt sé, atá a fhios agaibh go bhfuil uachtaránacht aga dtighearnaidhibh ar na cineadhachaibh, agus go bhfuilid na daoine móra tréan ortha" (Matha XX. 25): ceannas iomlán, tighearnas. Dream leath-fhiadhain dob eadh iad a chuir uachtaránacht i dtarcuisne: ná raibh aon tor aca ar cheannas na dúthaighe. An "Craoibhín Aoibhinn" atá in uachtaránacht na dúthaighe seo: ina cheann. Tugadh an uachtaránacht d'fhear atá ábalta ar na daoinibh do threórughadh: treóraidheacht: ceannas iomlán.

uachtarlann: *f.1.* tigh go ndéintear ím d'uachtar ann. Ím uachtarlainn.

uaibhreach: *a.* tóirtéiseach, meanmnach, subháilceach, buacach, greadhnach. Bean uaibhreach ó heitigheadh aon uair amháin í b'fhada buidhe uaithi lorg airís: go raibh an

iomad mórdhála innte chuige sin. Daoine uaibhreacha, níor mhian leó in aon chor go n-imtheóchadh aon rud náireach ar éinne aca: tóirtéiseacha. Buachaill uaibhreach, óg ná fuil puinn suime i saoghaltacht aige: so-mheanmnach. Tá sé an-uaibhreach i ndiaidh a ghrádha gur phós sí buachaill eile: léanmhar. Ní gábhadh dhuit bheith chómh huaibhreach, ní dubharthas puinn as an slighe leat: olc do theacht ort.

uaibhreacht: *b.3.* tóirtéis, mórdhálacht, olc: uaigneacht, léanmhaireacht. Budh dhealg lé n-a uaibhreacht súd aon rud do chur ina leith: ghoillfeadh sé go cruaidh ar a mhórdhálacht. Lé huaibhreacht ní dhéanfadh sí siúd gnóth tighe, budh lag léi hé: tóirtéis: éirghe anáirde. Bíonn uaibhreacht orm nuair thugaim turus ar an áit go gcaithinn féin agus Máire an oiread san tráth go subháilceach: uaigneacht ar mo chroidhe. Chuir sé uaibhreacht náire air gur samhluigheadh leis go ndéanfadh sé mícheart chómh maith lé cách: ghoill sé go mór ar a ghradam. Ná tagadh aon uaibhreacht i dtaobh a rádh leat go bhfuil tuathallacht ag baint leat: ná tóg ar t'aigne mar easmailt ná easonóir é.

uaibhrighim: *b.a. 7 n-a.* téighim i dtóirtéis, uaislighim. Uaibhrigheann an t-airgead: cuireann sé meas mór ag daoinibh ortha féin. Uaibhreóchaidh anois ó hárduigheadh sa tsaoghal é: tiocfaidh breis thóirtéise dho ó fuair sé céim. Ní uaibhreóchadh an saoghal mór an té ná beadh de dhúthchas ann: ní uaisleóchadh.

uaigh: *b.2. 7 3.* uachais nó poll talmhan do chorpán, úir, tuama. Is fearr súil lé glas ná súil lé huaigh: faid bhíonn an t-anam i nduine pé greim a bhíos air bíonn dul éigin ar fhilleadh aige. Sí an uaigh mo leabaidh go bráth. Cuimhneóchad air duit go raghad 'on uaigh: go bhfaghad bás. Is fuair í t'uaigh anocht: lé duine báidhtear. Maran b'é am do é bheith ag pósadh is cos leis ar an uaigh: é an-aosta. Osclann Dia béal na huaighe chun naoidhe na truaighe ligeann isteach. "Céile don leabaidh an uaigh/ céile don tsuan an bás/ céile don oidhche Ifreann fuar/ tuig, a dhuine gur cruaidh do chás": an té a théigheann innte ní fheadair an éireóchadh choidhche. Cos ins an uaigh is an chos eile ar a bruach agam anois: ag druideam leis an mbás. Aifreann an Domhnaigh ná leig uait/ peaca fuar fliuch bhíos an lá/ ar eagla ar maidin Dé Luain/ gurb í an uaigh do leabaidh go bráth". Dá dtógadh sé 'on uaigh thu níl sé agam lé tabhairt duit: ná bíodh aon amhras go bhfuil. Dá dtógadh sé ón uaigh thu ní thabharfadh sé a bhlaiseadh dhuit: gartaighe é seo. Is fearr súil lé béal na con ná lé béal na huagha: béarfaidh an chú rud éigin chughat, ní thiocfaidh cabhair ar bith ón uaigh. Tugann béal na huagha rud do naoidhe na truagha: is minic a gheibheann duine bás agus d'fhágann maoin ag duine a bhíos ina ghábhtar. Ní bhéarfair 'on uaigh uaim é: beidh cúiteamh agam sara bhfaghair bás. Tá sé san uaigh is leac lé n-a chluais: is fada marbh do. "Bíonn súil ó bhéal an chuain ach ní bhíonn súil ó bhéal na huagha": an lá caillteár an duine tugtar suas é: thiocfadh thar n-ais ó aon rud b'fhéidir ach ón uaigh. Budh dhóigh leat gur as an uaigh d'éirigh sé: an droch-chrot atá air. Déin t'uaigh mara bhfuil sí déanta cheana: tá cuma an bháis ort. Tá a aghaidh ar an uaigh: ní fada ón mbás é lé seanaois.

uaigneach: *a.* iargcúlta, aonarach, aonardha, faiteach, eaglach roim marbhaíbh, ag baint lé taidhbhsidhibh. Bíonn cuma uaigneach ar an dtigh gan teine do bheith ann: chuirfeadh sé maoithneachas ar dhuine gan é. An mbrathair uaigneach gan éinne sa tigh in aonfheacht leat?: ná brathair easbhaidh coidrimh daoine ort. Tá mo chroidhe uaigneach i

ndiaidh Mháire: brónach, aonarach. An mbeir uaigneach ag dul abhaile it aonar: faitcheach: an ngoillfidh easbhaidh cómhluadair ort: an mbeidh eagla ort roim na daoinibh maithe? Bóthar uaigneach ist oidhche é sin: gan siubhal daoine agus a chuirfeadh diamhaireacht ar an gcroidhe: ná beifeá istigh leat féin air. Téighir in áit uaignigh leat féin, ná beidh súil éinne ort: iargcúlta: cúthail: i bhfad ó shiubhal daoine. Istigh i gcumar an tsléibhe do chuala an glór uaigneach i midhe mhairbh na hoidhche: brónach, a chuirfeadh duairceas ar do chroidhe. Is uaignighe d'áit an Mám adeirtear ná an bóthar tímcheall: is aonaraighe: is mó bhrathfá bheith it aonar agus bheadh faitchíos ort. Is uaigneach an bheatha atá aige ina chómhnaidhe ina aonar ar thaobh cnuic gan siubhal éinne air: aonardha. Smaointe uaigneacha an chroidhe: is deiscréidighe in aigne an duine.

uaigneachán: *f.1.* duine aonair, díthreabhach. Ná beadh truagh agat don uaigneachán gan siubhal duine ná daon air ó cheann ceann na bliadhna. Tair ameasc na cuideachta is ná bí it uaigneachán annsan: id dhuine aonair.

uaigneas: *f.1.* iargcúltacht, diamhaireacht, aonaireacht, deiscréid, uath, áit thréigthe, brón, príobháideacht. Nuair fuair sé an t-uaigneas imtheachta bhailigh leis chómh tiugh in Éirinn is fhéad sé: an chao: gan éinne do bheith ag faire air. Nuair gheóbhadh sé an t-uaigneas ní bheadh aon iontaoibh agam as cad ná déanfadh sé: nuair bheadh an chao agus an t-ionad aige. Dubhairt sé liom in uaigneas é: i ndeiscréid. Bíonn uaigneas orm bheith im aonar: an mhotháilt aonarach san a thagann ar dhuine cheal coidrimh a chómh-dhuine. Tá sé imthighthe is níl aon uaigneas orainn 'na dhiaidh: ní bhrathaimíd uainn a chuideachta. Is fearr an t-imreas ná an t-uaigneas: b'fhearra dho dhuine bheith ameasc cómhluadair féin is bheith in earrad leó ná bheith gan aon chríostaidhe ina fhochair. Chuirfeadh an áit uaigneas ort nuair ná feicfeá éinne ann: duairceas croidhe. Bhuail sé liom i slighe an uaignis: in áit iargcúlta, aonaraigh. Táimíd ar an uaigneas annso: in ár n-aonar. Ní chuirfeadh aon rud uaigneas air: ní bheadh aon eagla ná faitchíos air roim phúcaidhibh, taidhbhsidhibh, spioradanaibh ná daoine maithe. In uaigneas mo chroidhe istigh táim ag brughadh mo ghearánta orm féin: i ngan fhios d'éinne.

uaigneasach: *a.* aonarach, iargcúlta. Duine uaigneasach seadh é, is annamh a thagann sé ameasc na ndaoine: iargcúlta, dorcha. Is uaigneasach an charraig an Tiaracht: is annamh do tugtar turas uirthi. B'uaigneasaighe go mór an tigh i ndiaidh na máthar ná i ndiaidh an athar: budh bhrónaighe lé hamharc air: budh mhó bhrathfá go raibh duine éigin ar easnamh as.

uaignidheacht: *b.3.* ísle brighe de dheasca pudhaire nó cheal cuideachtan, brón. Ná bí ag déanamh uaignidheachta dhe, ní haon fheabhas ar do dhíth é: ag déanamh bróin. Nuair bhím im aonar ist oidhche gan neach agam go labharfainn leis tagann uaignidheacht orm: an mhotháilt sin cheal conbharsáide do chómh-dhuine greamuigheann sí me.

uailín: *f.4.* ualach beag, cnocáinín. Uailín móna ar asailín: ualach bídeach. Uailín cnámh: cnocáinín. Ní bhéarfá leat sa turas ach uailín toisc aindeisidheachta na háite: ádhbhar beag d'aon rud.

uaill: *b.2.* scread, uallfairt, éigheamh brónach, gáir bhróin, béic. Chas na mná uaill air: chromadar ag caoineadh. Do chuala sé an uaill dá chasadh: an t-éigheamh brónach dá árdughadh mar bheadh mná os chionn corpáin. Leig sé uaill mhadra as lé pian: béic thinnis. Leig an madra uaill nuair buaileadh é: uallfairt: scread nimhe. Chuirfeadh an uaill a bhí ag an ngaoith uaigneas ort: glór brónach ag séideadh dhi. Leigeas uaill air teicheadh: scread a chuirfeadh in iúil do go raibh an chonntabhairt i ngiorracht do.

uaill: *b.2.* cuid mhór, tréad, scata, ealta. Ná bí ag trácht ar shluagh daoine, bhí uaill ann: scata mór, groidhe. De dhruim oidhche tháinig uaill chaorach ón gcnoc is laiteadar an síol féir: scata líonmhar. Tá uaill agaibh ann: camplacht mhór. San earrach tagann uailleacha éan ann thar lear chun neaduighthe: scataidhe: ealtaidhe. Is deacair don mbochtán an uaill chlainne atá aige do chothughadh: scata líonmhar.

uaill: *b.2.* baothán, duine tóirtéiseach, maigeamhail; tóirtéis. Ní bheadh aon uaill agam as dhá me thu, ní mór lé maoidheamh é: tóirtéis: ní bheinn ag éirghe thiar as lé bród as. É ag imtheacht ina uaill bhocht eatartha ag caitheamh a chod' airgid ar nós an uisce: ina bhaothán. Cuirir uaill an domhain orm a fheabhas agus a fhearamhla a ghníomhais: éirghe croidhe is meanman. Daoine go gcuireann an saoghal uaill ortha: mórdháil is éirghe anáirde nuair éirigheann leó.

uaill: *a.* tóirtéiseach, mórdhálach, baoth, ainmneach, uaibhreach. Saighdiúir uaill dob eadh an Sáirséalach, throid sé go cródha, neamh-eaglach: bhí a ainm anáirde lé n-a fheabhas. B'é dob uaille ar a chineadh, ní mór an chonbharsáid is mian leis do bheith aige lé gnáth-dhaoinibh na háite seo: is tóirtéisighe. Is uaill liom thu, an fuadar is an gníomh ait atá fút, an bhfeicir éinne eile mar thu?: baoth, amadántamhail.

uaillim: *b. n-a.* screadaim, éighim, béicim, goilim, caoidhim. D'uailleas air é féin do sheachaint, go raibh an t-urchar ag déanamh air: leigeas béic fhógartha air. Uailleann an madra i gcaitheamh na hoidhche ó cailleadh a mháighistir: bíonn sé ag lógóireacht. Is í siúd an oidhche gur uaill an ghaoth 'san fharraige lé neart fiadhantais: gur bhéiceadar. Uailleann an t-éan nuair coilltear a nead: bíonn sé ag scréachaigh lé huaigneas.

uaim: *for-ainm réamh-fhoclach, an chéad phearsa uathaidh* "Tóg uaim é is gan uaim acht é", lé duine a bhíos ag leigeant air ná teastuigheann rud uaidh agus ar an am gcéadna an dúil mhairbh aige ann. "Cá bhfuair sé é go léir?" – "uaim-se is uait-se": smut ós gach éinne. Is cuma agam nó uaim é: ní túisce agam é 'ná imthighthe: mar a chéile dhom é. Uaim féin do dheineas é: gan tafant ná cómhairle chách. Ní huaim-se scéidh an scéal: ní mise is bun lé n-a fhóirleathanughadh. Is uaim an t-imreas ar fad más fíor í: is me is bun leis. Seo púnt duit uaim féin: ar mo chion fein.

uaimh: *b.3.* uachais, poll, úin. Chuireadar in uaimh é nuair bhí sé marbh aca agus ceapadh dóibh ná scéidhfeadh a mbeart choidhche ortha: síos i bpoll mór talmhan. Is ionann duit dul ina measc agus dul in uaimh ladrann: go pruais bitheamhnach. Gheóbhadh sé amach rud agus é do bheith i dtóin uamha: thiar istigh i bpoll fé thalamh.

uain: *b.2. ₇ 5.* turas, cao, eaga, faill, aimsir, cor, seal, greas. Fan lé t'uain, nách ort atá an deithneas: lé t'aimsir dhílis chun ruda do dhéanamh nó gur b'é do cheart friotháilt ort. Bead ag fanacht le h-uain d'fhagháil air chun sásaimh do bhaint de: cao: lom: amus. Dá mbeadh uain agam air, raghainn ar do thuairisc ach ní raibh: cao, faill, seal ná beadh aon chúram eile orm. An raibh uain aca bheith istigh san oileán ón míntír sar ar shéid sé?: eaga, am idir dhá linn. Beir ar an uain ar úrla: déin rud nuair bheidh cao is am agat air, ná cuir ar gcúl é. Lé cóngamh Dé agus na deagh-uanach mhuis, tabharfad-sa turas oraibh annsúd: aimsir mhaith do bheith fé dhom. Beir fada ar do mhaididhibh, nár chualaís riamh uain ceárdchan (mhuilinn)?: fanacht leis an dtráth gur bh'é do cheart friotháilt ort. Go dtugaidh Dia uain dom ar chúiteamh do dhéanamh im pheacaidhibh: cao: eaga: nár bheiridh Sé geairrid orm. Is dócha go bhfaigheann gach éinne bás go mbíonn a uain istigh (tagtha): a aimsir ar an saoghal so suas. Ní fhanann uain ná taoide lé héinne: an tráth dhi gur cóir a friotháilt chun tairbhe do bhaint aiste. Chómh luath agus fuaireamair uain oireamhnach ar labhairt lé chéile dheineamair ár gcómhairle: seal aimsire ná beadh aon rud ag cur isteach air nó ná beadh a fhios ag neach eile. Bhí an uain agam air i ndoras an tsiopa dá mhéid deabhadh do dhein sé chun me do shárughadh: tosach agam air. Má bheir annso ar an uain cheart gheobhair cion duine: an tráth atá ceapaithe chuige. Bhíos déidheannach d'uain na traenach: don am atá ceapaithe dhi teacht nó imtheacht. Leis an ampla a bhí ortha chun plúir i gcorp na gannchúise bhí na daoine ag baint na huanach dá chéile: d'iarraidh tosach do bheith aca ar a chéile. Táid ghá dhéanamh ar uain: níl riaghail ná am aca leo féin. Ar uainibh bíonn sé níos fearr 'ná a chéile: uaireannta. B'olc an uain ar an bhfarraige agaibh í: an aimsir: seal. A leithéid d'uain ghaoithe móire is báistighe: tráth. Beidh an uain againn anocht ar an gcóisir: siamsa, greann is aoibhneas. A leithéid d'uain agus bhí againn air, ag ailteóireacht air, mheasas go bpléascfainn lé gáiridhibh: seal grinn is aithis. Ar an uain gcéadna díreach do shroicheamair an ball: ar an am. Tháinig an leanbh roim n-a uain: sarar cheart do dréir nádúra nó aistear a mháthar. Thugas m'uain ar an dtigh: an seal budh cheart dhom ina fheighil. Sé rud a deireadh sé agus é ar fionnraighe, tá sí sin d'uain chómh fada agus fuaireas riamh: eaga fanamhna. Uain bhreágh bhog ag dul abhaile againn, buidheach 'o Dhia: an seal a bheam ar an mbealach, an aimsir chun ár sástachta. Tagann gach ceann aca dréir uaine: i ndiaidh a chéile mar thagann uaireanna an chluig. Ní bheinn ag caitheamh uanach leis, tá mo chroidhe is mo shláinte briste d'iarraidh feidhme do bhaint as: aimsir. Ar uain an bháis ní bheir chómh maoidhteach san le linn báis. Níl aon uain ná tagann acht fanacht léi: ionbhaidh an uile ruda. Chaitheas uain ar uain ag feitheamh: seal ar sheal.

uain: *b.5.* tonn mór gan briseadh. Budh dhóigh leat go gclúdóchadh gach uain an chleiteóg beag báid: tonn mór borrtha. "Is iomdha uain farraige curtha riamh aige dhe": lé máirnéalach nó iascaire dian. Scannruigh na huanacha é: tonnta móra. Glór na mion-uanach ag tuiteam ar an dtráigh budh cheól ina chluais iad is é ag siubhal go haonarach: tonnaidheacha beaga.

uaine: *a. n-dh.* ar an ndath gheibhtear ó bhuidhe is ghorm do mheascadh, ar dhath na talmhan, glas. Gort glas ach doras uaine. Tháinig dath uaine air leis an eagla: d'imthigh a lí as. An fharraige ghlas-uaine a thagann ar an oileán fiadhain seo chuirfeadh sé eagla ort: go mbíonn glaise is guirme is buidheacht lé tabhairt fé ndeara ann. Ribínidhe uaine.

uaine: *b.4.* dath glas na talmhan, meascán guirm is buidhe. An dearg is an uaine: an talamh treabhtha (ithir) 'san bán. An uaine dath na suirgheachta: a thairrngeas súil na ndaoine. Táinig dath n-a huaine air nuair ghoin an scéala é: dath an bháis.

uaineach: *a.* caothamhail, amúsach, i dtráth. Obair uaineach againn: í roinnte dúinn ar shlighe go gcaitheann gach nduine seal uirthi dréir a chirt. Dob uainighe dom dul anois ann 'ná aon uair eile mar ná fuil faic eile lé déanamh agam: budh chaothamhla. Tagann sé go h-uaineach nuair bhíonn an rud ar siubhal: ar an am tráthamhail: oireamhnach, tairbheach.

uainighim: *b.a. 7 n-a.* déinim nó iompuighim uaine, glasuighim. D'uainigh sé leis an méid breóidhteachta do chuir sé dhe: tháinig dath na húire air. Uainigheann talamh roim stoirm: glasuigheann: tagann dath gorm-ghlas air roim theacht síne.

uainín: *f.4.* uan beag. Nách é an t-uainín ar iarraidh ó n-a mháthair é: peata beag: ruidín truaighmhéileach.

uainnearach: *a.* ar uainnearas, dulta in iarmhaireacht, nó ar aonaireacht. Máighistir scoile uainnearach: a bhíos éirighthe as a shaothar. Is iomdha san rud uainnearach istigh id chloigeann gan fhios d'éinne: i bhfolach.

uainnearas: *f.1.* tugtha suas den ionad nó de bheart, uaigneas, iargcúltacht. Ní cloistear faic uaidh lé tamall, tá sé ar uainnearas ar fad: dulta in iargcúlacht ó choidreamh daoine. Scoil-mháighistir ar uainnearas seadh é: go bhfuil a chuid oibre tugtha suas aige. Caithfead an chuid eile dom shaoghal in uainnearas: ar leathtaoibh ón saoghal.

uair: *b.2.* an ceathrama cuid fichead den lá; eaga seascad nóimint; an t-am mar chómharthuigheann an clog é; tráth áirighthe, uain, turas, ócáid, aimsir, tráth. Ní huair ná dhá uair a choisceas air é do dhéanamh: go mion agus go minic. Níl uain agam indiu ar é do dhéanamh duit, uair éigin eile: turas seachas é seo. Beidh seo déanta uair éigin: tráth neamh-chinnte atá gan teacht fós. Uair éigin idir Shamhain is Nodlaig: am, tráth, uain. Ar uair bheag na maidne bhuaileas amach ar an ndrúcht: go han-mhoch. Ar uair a bháis fiú amháin ní mhaithfeadh sé, nár chruadh-chroidheach an duine é: ar linn bháis do. Dhéanfadh sé uair agus uair é: airís is airís. Ní túisce ghaibheadh sé uair na faille 'ná bíodh an tsleagh caithte aige: an chao ar bhualadh. Tagann uair na hathchuinghe: go bhfaigheann duine a ghuidhe nó a thoil. Uair bheag roim lá d'éirigheas mar bhí turas fada rómham: tamaillín beag. Saoghaluigheadh ár Slánuightheóir ar uair an meádhon oidhche: an tráth san. Ní minic a bhíonn sé ann, uair má seach: anois agus airís. An uair a chonnac chugham é agus an droch-fhuadar fé ceapadh dom gurbh é sin uair dómh-sa do bheith ag cur díom: an tráth céadna san. Aon uair díobh b'fhearr d'fhear thu ná é dá bhfaghfá comhthrom: aon ócáid go rabhadar i gcomórtas. Ar uair an ghábhtair b'é siúd an fear a thiocfadh chun t'fhóirtinte: an t-am a bheadh géibheann ort. Bíonn an duine ina leanbh dhá uair: ar dtúis ina óige agus annsan ina shean-aois. Ar uairibh thagaid na hanacraidhe, agus is fearr san ná iad do theacht in aonfheacht: ceann anois is ceann airís. Bí choidhche ag faire ar uair na faille: má bhír ar t'aire gheóbhair an chao a bhíos uait. Mada ruadh dhá uair ní mealltar é: an té a bhíos glic ní buailtear bob ar an dara hócáid air, bíonn ciall

cheannaigh aige. Ón uair sin amach níor fhan aon mheas aca air: ón am: tráth: aimsir go ndeárna nó gur thárlaidh rud éigin nár thaithnigh leó. Tháinig míchéadfadh air an uair ná tabharfainn iasacht airgid do: toisc ná, etc. Ní raghadh sé isteach an uair go rabhais-se ann is ná taithnighir leis: mar gheall ar thusa bheith ann. An uair ná bíonn airgead ag duine éistigheadh sé a bhéal: de bhrigh ná bíonn, etc. "Is duine aca an uair seo ar fuaid an tighe agam": ar an láthair. Níl acht uairín ó imthigh sé, ná feacaís é?: seal beag gearra. Cé (cá) mhéid uair do pheacuighis lé mí?: cá minic? Cá huair anois é?: cad é an t-am den ló nó den oidhche atá ann. Dá mbeitheá leath-uairín eile roim ré bhéarfá ag baile air: tamaillín beag. Dá mbeadh an uair fliuch dubharthas leis fanamhaint ag baile: an uain: an aimsir lé n-a linn sin. Ón uair go chéile ní stadann sé ach ag screadaigh le pian: de shíor. In uair na héigne is maith an cara do phóca: le linn do bhreith cruaidh ar dhuine. Ón uair sin gur fágadh an scéal fút féin ar fad cad é an chúis ghearáin atá agat?: ós rud é. Bead ag máineáil liom d'uair is de thamall: sealanna gearra is sealanna fada. Tair uair ar bith, beidh fáilte rómhat: aon am, tráth is mian leat. Ní chaithfinn uair leat: ní bheinn ghom bhodhradh féin léd chuideachtain. Uaireannta bíonn is uaireannta ní bhíonn: tamallacha mar seo is mar siúd aige. Ar uairibh gheobhfá ealadha air: lé seans: ní i gcómhnaidhe é. B'fhearr liom thu seacht n-uaire 'ná é: tá a sheacht n-oiread ceana agam ort. Seacht n-uaire déag níos láidre 'ná me: i bhfad 'si bhfad. B'fhearr liom bheith marbh dhá uair ná bruic lé heasonóir: bás d'fhagháil faoi dhó. Tagann sé corr-uair: go hannamh. Fo-uair ná beadh sé ar meisce dá bhfaghadh sé in aisce é: go fíor-annamh. In alt na huaire sin ní raibh pingin im spaga ná dul agam air: an tráth áirighthe sin. Éirigheann an mhacántacht seacht n-uaire: is ar an macántacht a bhíos an rath i ndeireadh dála. Gach uile uair dár bhuail sé umam bhí sé ina fhear: i gcómhnaidhe. Uair amháin dá rabhas i gCorcaigh: tráth áirighthe. Fan go dtín gcéad uair eile agus chídhfir: beir fada air. An uair láithreach an uair: anois an t-am chun ruda do dhéanamh: ná bac faillighe. Ní faic uair nó dhó: ní fiú trácht ar rud ná tárluigheann go minic. "Abair é uair nó dhó is muna dtagaid leat tair leó": ná bí ag tafant ortha ná ghá gcómhairleach ró-mhinic.

uaireach: *a.* tráthamhail, dréir na huaire, duthain. Ná tóg ceann de rud uaireach mar obair mí: ná maireann ach seal. Buaileann an clog san go huaireach: ar an uair i gcómhnaidhe. Labhartar go huaireach ar an leath-uair: gach uair a chluig. An bheatha uaireach so: duthain.

uaireachán: *f.1.* clog nó uaireadóir póca.

uaireadóir: *f.3.* inneall nó gléas a thómhaiseas an t-am ina uairibh. Uaireadóir gainmhe, gréine. Uaireadóir óir í sin agat?: ceann a bheadh i bpóca.

uaireamhail: *a.* dréir na huaire, na trátha áirighthe. Tosnuighid agus stadaid go huaireamhail: ar am atá ceapaithe. Buaileann an clog go huaireamhail: i gcionn gach trí fichid nóimint.

uaisle: *b.4.* árd-aigeantacht, árd-intinn, folaidheacht, caoinbhéasacht, daoine galánta; galántacht. Is mairg don duine ná bíonn ghá chuimilt féin dos na h-uaisle: coidreamh do bheith ar na maithibh: iad so go bhfuil céim árd aca dréir folaidheacht. Scairt sé ar dhigh do n-a raibh láithreach, níor thréig an uaisle riamh é: an speach ghalánta. Le huaisle thug

sé a shuidheachán uaidh an uair d'fhan gach éinne eile mar a raibh aige: an "braon ceart" do bheith ann. Is lúthmhar leac ag doras na huaisle: seachnuigheadh an gnáthdhuine é féin ag rith ina ndiaidh: ní dual do go n-éirigheann leis. D'éistidís na huaisle agus do bhíodh a dteanga ceangailte dá gcarabhat" (Iób XXIX. 10): na daoine móra. Níor leig sé naoidhe na truagha riamh uaidh le huaisle croidhe: féile. Nách iad na huaisle agam iad go mbeinn ag sléachtaint dóibh: daoine go bhfuil folaidheacht ionta. Dá bhfiafruightí dhíom-sa cé hiad uaisle na tíre seo, déarfainn gurb iad muinntir na tuaithe iad: an aicme go bhfuil soibhéasa agus féile ag baint leo. Le huaisle an duine mhaith sé dhóibh a raibh aige ortha: lé meanmnacht cheart. Fear seadh é ná fuil aon uaisle ag baint leis, níor bh'fhearr leis duine a bheadh ina fhochair ná bacach: tóirtéis. Fear é go bhfuil an uaisle ag baint leis: ná déanfadh beart sprionnlaithe. "An uaisle b'fhearr chun fáin mar leaghadar": lucht folaidheachta is léighinn.

uaisleacht: *b.3.* árd-chéimeacht, árrachtas, béascnadh, féile. Dréir na huaisleachta do bheadh sa duine is beag an easmailt fhoidhneóchadh sé: an braon ceart deagh-fholaidheachta. Ní raibh aon bhacach a tháinig chun a dhorais a imthigh follamh, cad dhéanfadh an uaisleacht: an fhéile, speach na fola. Níl uaisleacht gan subháilceacht: an té ná bíonn tréith na subháilce ag baint leis ní féidir leis bheith galánta. Táim ar aon dul in uaisleacht leat-sa agus níor dheacair dom san chómh hárd i ndúthchas fola. Ná satail orm im uaisleacht, saileóchair me: im éadaighibh galánta. "Is mór go léir an uaisleacht í", lé duine a bhéas gléasta thar a riocht nó a bhíos d'iarraidh bheith galánta is nách dual do é. Don uaisleacht na tighthe ósta galánta: dos na daoinibh móra.

uaislighim: *b.a.* árd-chéimighim, móruighim, onóruighim. Uaisligheadh é nuair fuair sé céim onórach ón iol-scoil: cuireadh ar aiste árd é lé meas air. Ní uaisligheann ór: ní galánta duine de chionn a bheith aige. Is í an fhuil a uaisligheann: mara mbí an braon ceart i nduine ní dhéanfadh maoin na cruinne duine uasal de. Uaisligheann léigheann an aigne: tugann sé snas maith uirthe: árduigheann í i dtuigsint: maisigheann.

uaisliughadh: *f.* (*-uighthe*) móradh, maisiughadh, árd-chéimiughadh. Tá sé ag uaisliughadh a incheann lé léigheamh is foghluim: ag cur snas agus maise uirthi. B'uaisliughadh do gradam d'fhagháil i ngach áit dár ghaibh sé: méadughadh céime.

uaithbhéal: *f.1.* mórchuid cainnte áidhbhéile; áidhbhéil, áidhbhéis gan bun. Is mór an t-uaithbhéal atá déanta dá bhás: mórchuid chainnte is truaighmhéile. Bhuail sé chugham is uaithbhéal air ag innsint a scéil, budh dhóigh leat air nár thuit a leithéid amach riamh roime sin: breis mhór chainnte, anamhóin is suaidhteacht aithrise air. Ní gábhadh aon uaithbhéal do dhéanamh de, ní rud chómh hiongtaiseach san ar fad é go gcaillfeadh na daoine a gciall ina thaobh: oiread cainnte is gur dhóigh leat gur suaitheantas nó uathbhás é. Ní chreidfinn uaidh go bhfuil a leath fíor, bíonn uaithbhéal aige i gcómhnaidhe: clab mór chun aighnis is áidhbhéile. Is mór go léir an t-uaithbhéal é más rianáin beag fola a bheadh air budh dhóigh lé duine gur ar leabaidh a bháis do bheadh sé. Caithidh uaibh é mar scéal is ná déinidh uaithbhéal de: iomad suaidhte is cainnte gan deallramh.

uaithbhéalta: *a.* áidhbhéil, áidhbhéiseach, uathbhásach. Duine uaithbhéalta é sin chun aon scéil do thabhairt do: a chuirfeadh a seacht n-oiread leis, is cóiriughadh uathbhásach.

Ná labhair uaithbhéalta, seachain an fhírinne: áidhbhéiseach, ainscianta. An chainnt uaithbhéalta i gcómhnaidhe aice, do scannróchadh sí éinne a chreidfeadh í: béal mór chun háidhbhéise.

uaithbhéaltas: *f.1.* áidhbhéileacht, áidhbhéiseacht, uathmhaireacht. An t-uaithbhéaltas a bhí air ag innsint a scéil, b'ait leat a rádh connus mhair sé i ndiaidh na heachtra: an áidhbhéil 'san áidhbhéis gan teóra. Ní fhéadfainn cluas do thabhairt dá leithéid d'uaithbhéaltas, chuirfeadh sé crithniughadh ort bheith ag éisteacht leis: uathbhás cainnte.

uaithne: *f.4.* gallán, taca, géag. Níl ann ach na cheithre huaithnidhe: na cheithre cnámha: na géaga is na cosa: é bocht, seirgthe. Is breágh agus is slachtmhar na huaithnidhe mná atá fúithi: géaga, cnámha. Caithfear uaithne do chur leis an bhfalla san tá iogán (pluc) ag teacht air: teannta.

ualach: *f.1.* aon rud a bhíos dhá iomchar, eire, cúram, muirearaighe, iarsma, leathtrom, dlúthas. Nár leigidh Dia dhom é mar ualach chun bheith dhá iomchar: rud míothairbheach. Nách mithid duit luighe lé dream éigin eile anois, ná fuilir it ualach fada go leór orainne: mar mhuirear: iarsma: sinn ag cailleamhaint leat. Níor réidhtigh an biadh liom d'fhan sé mar (ina) ualach ar mo chroidhe: go trom im ghoile. Má táim mall táim trom-ualaigh: cuid mhaith dhá iomchar agam: is fiú fanacht liom. Ní h-ualach do dhuine a bhrat (ná a bhróga): is maith iad ar cosaint ón sín is ón mbóthar. Ualach giolla leisce, beireadh leis nó fágadh: lé leisce teacht ar ais ag triall ar chuid de tugann iarracht ar é do bhreith leis in aonfheacht agus is ró-mhinic go n-imthigheann ar fuaid na talmhan uaidh. Ní hualach do dhuine an fhoghluim: ní braithtear dhá iomchar í, ach a mhalairt: is mór an tabharthas do dhuine í i gcúrsa na beatha. Is trom an t-ualach putóga follamha: nuair bhíonn ocras ar dhuine is deacra dho gluaiseacht 'ná dá mbeadh rud trom dhá iomchar aige. Shaoghaluigh sí cúigear d'aon ualach: d'aon bhreith: tuismhidh. Ní bhéarfainn liom d'aon ualach é, tá an iomad ann: aon iomchar. Bí ghá lorg anois, féach cá bhfaghair é, nách fada ó bhaile fhágann tu t'ualach: cuirir thart rudaidhe in áit is ní chuimhnighir ortha. Chaitheas é d'iomchar pé ualach liom é: dá thruime bhí sé, nó dá leisceamhla liom é d'iomchar. Thuit sé d'ualach orm-sa é do dhéanamh: de chrann. Cuirir ualach ar mo chroidhe, na drochfhuadair atá fút: brón. Ní haon ualach liom é: ní chuireann sé aon bhráig orm. Is mithid dom dul ag faoisdin, tá ualach peacaidhe orm: mór-chuid. Ualach éisc, féir, móna, etc. "Tá t'ualach agat": deirtear lé duine go mbíonn rud dhá iomchar aige, trom nó éadtrom. Ní beag liom m'ualach, is leór liom an méid atáim ábalta ar iomchar gan breis do chur chugham. Is fearr síor-ualach ná sár-ualach: smut sa turas ná iarracht ar go léir in aonfheacht. Árd-ualach: ualach droma ar ainmhidhe. Bhí ualach a dhroma d'iasc aige: an méid dob fhéidir leis d'iomchar. D'fhágas iad, níor mhian liom bheith im ualach ortha: im mhuirear ó bheith ortha me do chothughadh nó cailleamhaint liom. Chaith sé na hualaighe airgid, do dhein san: mórchuid Éireann. Bhí a rún ag déanamh ualaigh do gur scaoil sé amach é: buadhairt: mearbhall. "Budh dhubhach an fuadar suairceas oidhche/ smúit is ualach duais is líonadh": an t-ucht do bheith gabhtha. Níl an t-ainmhidhe chun ualaigh fós: chun oibre. Is mór an truagh an té a bhíos fé ualach: go mbíonn iomard air. Beidh ualaighe éisc anocht aca: lasta. Chroith sí dhi ualach na daoirse: an leathtrom. Go leagaidh Dia an t-ualach des na daoinibh: go n-éadtromuighidh

Sé a mbuaidhreamh. Ní fheaca riamh ag teacht chun an tighe beag-ualaigh é: ar chuid bhig.

ualachadh: *f.* ualughadh, luchtughadh. Ní bheinn ag ualachadh m'anama lé bheith ag eascuinighe oraibh: ag cur pheacaidhe orm féin libh.

uall-, uaill-: *i gcfhbh.* scread, árd-, tóirtéis. Cad é uall-gháiridhe is bhí ortha fúm nuair chonnacadar an clódh aindeis a bhí orm: gáiridhe móra, geala: trithghil mhór. Níl uall-gháir na gcon lé clos sa ghleann anois: guth na ngadhar ag gluaiseacht sa tóir. Dar leis gur uaill-bheirt atá déanta an chloch san do thógaint: gníomh iongtach. Ní hé an chéad uaill-ghníomh riamh dhá dhéanamh aige a ghoirtigh: gníomh baoth. Bíodh braon caithte aige agus is annsann do chloisfir an t-uall-mhaoidheamh: bladhgar is áidhbhéis as a ghaisce. Ní stadfadh sé as aonnidh a chuirfeadh chun cinn é, tá an t-uaill-mhian ann: an díoghrais chun cómhachta, saidhbhris, nó dulta chun cinn.

uallach: *a.* baoth, maoidhteach, bladhgarach, tóirtéiseach. Ruidín uallach an cailín sin, níl ciall circe aice: baoth, aerach. Trí ghíomh ó mhnaoi – com seang, toll reamhar agus meanma uallach: intinn árd-aigeanta. Lé baois uallaigh a chaitheann sé a chuid airgid ar dhream gur cuma leó ina thaobh: lé haiteas ceart amach 'samach. Is uallach an smut d'fhear é, féach na fuadair atá fé is an blas atá ar a theangain: tóirtéiseach. Ní gábhadh dho bheith uallach in ao'chor, ní fadó chonnac-sa é is gan air ach na ceirteacha: an meas ar fad do bheith fé. Tabharfaidh an saoghal 'san aimsir ciall do-san fós, imtheóchaidh an clódh uallach de: tóirtéiseach.

uallachas: *f.1.* brón, buaidhreamh, tóirtéis, blomas, taidhbhse, scléip, móraidheacht. An uair chloisfeá an ual-gháir a bhí ges na leanbhaidhibh bochta os chionn a máthar chuirfeadh sé uallachas ort, bheifeá ar barraidhibh guil leó: maoithneachas croidhe: d'éireóchadh tocht ionat lé truagh. Tháinig uallachas air nuair chonnaic sé a dhreatháir ar lár is an buaidh air: cuireadh a aigne trí n-a chéile go mór. Lé huallachas ní fhéachfadh sé ar éinne: tóirtéis is mórdháil. Ghní éadaighe breághtha uallachas: cuirid tóirtéis ag duine as féin. Ghlac na bochtáin seo uallachas ó thuit beagán airgid ortha: tháinig taidhbhse ortha. Tá sí bréan lé huallachas, budh dhóigh leat uirthi ná raibh duine bocht ar a cineadh is gur d'uaislibh na dúthaighe í: blomas.

uallaidheacht: *b.3.* baramhlacht, mustaracht, blomas, gogaideacht. Dá mbeadh a sheacht n-oiread eile aige is atá ní bheadh aon uallaidheacht ag baint leis, tá sé chómh réadh-chúiseach agus bhí sé riamh: meas ná tóirtéis aige as féin. An uallaidheacht go léir atá aige as féin, is dóigh leis ná fuil a chómh lé fagháil: tuairm mhór aige as féin. An moladh a thugair dom ní chuireann sé aon uallaidheacht orm: aon bhreis measa agam orm féin. Ní fhéadfadh sé gan bheith ag sprochaireacht bhruighne ar gach éinne leis an uallaidheacht as a fheabhas féin: an t-amhras atá aige ná fuil neach chómh maith leis.

uallán: *f.1.* screadach, liúighreach. Cad chuige an t-uallán go léir do dhéanamh de? ní duine atá marbh: an gleódh 'san callán ar fad. Beidh uallán ar fuaid an bhaile seo nuair cloisfear cad tá tuitithe amach: gleódh is lógóireacht. Is cuma lé héinne marbh nó beó thu,

ní bheidh aon uallán chaointe os chionn do chorpáin: éigheamh bróin. Cuir uaim an t-uallán ach nigh t'aghaidh is bailigh leat ar scoil: lógóireacht is tormas is tocht guil.

uallán: *f.1.* gaige, dailtín, spalpaire. Ná bí ag déanamh ualláin díot féin ag cur an éadaigh ghalánta san ort féin, ná hoireann duit: gaige, dailtín. Uallán gan inchinn atá ionat: duine atá ag leigeant air go bhfuil breis is ná fuil d'eólas aige.

uallfairt: (**ullfairt**) *b.2.* glam, glamghail, béic mhíchéadfadhach. Ná leig uallfairt mar sin orm, ná labharfá cneasta liom: béic. Gach aon uallfairt ag an saoiste ar na fearaibh: ag béicigh órduighthe ortha. Chuir an madra uallfairt as nuair buaileadh leis an dtlúth: béic ghoirtighthe. Gach aon uallfairt aige le pian is tinneas: béic dhuaibhseamhail.

uallfartach: (**ullfartach**) *b.2.* glamghail, béiceach. Thug sé an lá ag uallfartaigh as a raibh istigh pé mí-mhianach a bhí air: gach aon bhéic aige ortha lé droich-mhianach nó míostuaim éigin. Cuir uaim an uallfartach: an sclaimh mí-chéadfadhach. Thug sé uallfartach orm nuair loirgeas airgead air: glam mí-chéadfadhach, mío-shásta. Bhí rud éigin ges na madraidhibh airéir, thugadar an oidhche ag uallfartaigh: ag glamghail mar bhíd oidhche ghealaighe.

ualluighthe: *a.r.* leath-éadtrom. Níl aon amhras ná go bhfuil sé ualluighthe ar na nidhthibh aite dhéineann sé: an-éagconnta.

ualuighim: *b.a.* cuirim ualach ar, muirearaighim. D'ualuigheadar an trucail suas amach de chomraitidhibh Nodlag, go dtí ná raghadh a bheag ná a mhór eile innte: líonadh. Ualuigheadh an long ró-mhór is ní raibh sí ábalta ar an bhfarraige do bhreith léi: luchtuigheadh.

ualughadh: *f.* (*-uighthe*) do líonadh, do chur ualaigh ar (in). Táir ag ualughadh an gharsúna ró-mhór agus é ró-lag: ag cur an iomad lé hiomchar air. Ag ualughadh na gcapall do bhíomair lé gual: ag cur ualaighe guail ortha.

uamhan: *f.1.* scannradh, imeagla, alltacht, clódh scannruightheach. Is uamhan liom féachaint air is an crot atá air, lán d'fhuil is de chréachtaibh: imeagla. Ní heagla tháinig orm i gcorplár na farraige fíochmhaire úd ach uamhan: scannradh im bheathaidh. An té go mbíonn uamhan Dé air gheóbhaidh sé bás naomhtha: eagla roim Dhia. Fan socair, imthigheadh an t-uamhan díot sara labhrair: an t-anbháthadh, an scannradh is an fotharaga cainnte. Ná bí ag cainnt, do scannróchadh sé thu, bhí uamhan ina ghnúis: scannradh go soiléir. Cuireann do ráidhte uamhan orm, níor shaoileas go ndéanfadh fear macánta rud gráineamhail mar é: alltacht.

uamhnach: *a.* áidhbhéil, scannruightheach, alltach, scannruighthe scáinte. B'uamhnach an uain againn í, níor shaoileas go dtiocfadh neach againn beó: eaglach. An deallramh uamhnach atá, an bhfuil sé i gceart ina cheann?: scannruightheach. Cé hé ná beadh uamhnach roim leómhan?: scannruighthe. Is uamhnaighe go mór roim an bhfarraige anois me 'ná nuair bhíos óg: is eaglaighe.

uamhnaighe: *b.4.* uathbhás, scannradh, imeagla. Cuirid uamhnaighe orm lé n-a ndroch-aigne, níor bh'fhearr leó mar bheadh a gcómharsain 'ná ar thóin na farraige: eagla croidhe, alltacht. Ná tagadh aon uamhnaighe ort, beir breágh fada air is ní baoghal duit: aon eagla obann. Ghaibh uamhnaighe a raibh istigh nuair líon an tigh isteach d'uisce: uathbhás, eagla. Is furaiste uamhnaighe do chur air: mearbhall lé heagla, gan puinn cúise.

uamhnuighim: *b.a. 7 n-a.* cuirim imeagla ar, scannruighim. Uamhnuigheann sé gan aon mhoill in ao'chor, drochshaighdiúir do dhéanfadh sé: tagann eagla air gan puinn cúise. D'uamhnóchadh sé leis an gcainnt gháirseamhail do bhíonn aige: chuirfeadh sé ar dearg-chreathadh thu.

uan: *f.1.* óg na caorach, múirnín, duine maol, réadh-chúiseach. A Uain Dé a thógas peacaidhe an domhain déin trócaire orainn: a mhic Dé. "Is cainnt an Uain ná luadhfar bréagach": focal ár Slánuightheóra. Ghluais sé liom ar nós an uain: go mín, socair. Nách é an t-uan agat é: ná tuig go bhfuil sé chómh mín, neamh-urchóideach agus thaidhbhsigheann sé. Is minic uan dubh ag caora bhán: ná téigheann duine lé n-a mhuinntir: go mbíonn sé corr. Caora mhór an t-uan i bhfad: dá luighead é taidhbhsigheann sé chomh trom le caora fhásta. Má chuirid an chaora ort cuir an t-uan ortha: má bhuailid bob go cliste neamhshoiléir ort buail ortha bob ar chuma a thaidhbhsigheas i bhfad níos neamh-urchóidighe saonta fós. Uan fireann fionn i dtúis na bliadhna níor ghrádhas: ní cómhartha maith é. Ní bhuailfidh san aon bhob ort, tá sé chómh macánta lé huan: gan urchóid ar bith. Bearr an t-uan is caith uait an olann: reamhróchaidh níos túisce, ní bhíonn aon mhaith ina chuid olna. Luigh leis an uan is éirigh leis an éan: luighe luath, éirghe moch. Is é an t-uan ag múineadh a mhéidhlighe (meidhlín) dá mháthair é, tusa bheith ghá theasbáint seo dhom-sa: duine gan eólas ag múineadh an duine chliste. Is deacair an t-uan do bhaint den tsean-chaora: ní furaiste rud do mhealladh ón té go mbíonn taithighe an tsaoghail aige. Beidh sé sin chómh mín lé huan agam-sa sara stadad di: socair, ciúin, gan cor dá bhuaraigh, dá earball. M'uan (liom) thu, cad thárlaidh duit?: a mhúirnín, a ghrádh ghil. Biadhaiste na n-uan: an tráth bhítear ghá mbreith. "D'aithnigheas féin ar dtúis nuair d'airigheas an chuach im chúl agus breith an dá uan dhubha ná beadh an bhliadhain seo liom": gur chómhartha mí-shéin dom iad. An t-uan do bhaint dá dheól: dá mháthair. Caora uain: go mbeadh sé ar iomchar aice. Tá uan san gcaoirigh: ar iomchar aice.

uan: *f.1.* cubhar. D'imthigh a chuid chómh leathta lé huan na mara: soir siar: gan aon tuairisc air. Uan na bóchna: cubharán bán na mara.

uanach: *f.1.* grádh geal, múirnín. "A ghrádh 'sa uanaigh, 'sa bháb an tsuaimhnis": a chailín go bhfuil an oiread san ceana agam ort. Ná bí ag gol anois, a uanaigh, is tabharfaidh do mham an címe duit: a laogh. M'uanach liom thú ná bí buadhartha: mo ghrádh istigh thú. An dtabharfair dom é?" – "tabharfad, a uanaigh": an té is gile liom.

uanaidheacht: *b.3.* do thógaint ina ghreasaibh, gach duine ar a thuras, suaimhneas. Na saighdiúiridhe ag uanaidheacht ar a chéile: gach nduine aca ag tabhairt a ghreasa ag faire. Oidhche seadh í déinimís uanaidheacht ar a chéile ag faire an duine bhreóidhte: caitheadh gach éinne seal. Seo fág anois é tá tamall maith caithte agat air déanfad-sa uanaidheacht

ort: raghad it ionad: thar do cheann ag obair. Ag déanamh uanaidheachta úrlaidheachta chaithfinn gach lá fliuch sa cheárdchain: ag tógaint greasa ós na gaibhnibh. Ní mór den uanaidheacht a fuair bhur n-athair riamh uaibh: is beag an méid oibre do dheineabhair thar n-a cheann. Tugtar uanaidheacht dhom is gheobhaidh gach éinne a cheart: eaga ar theacht ar rud.

únán: *f.1.* an cubhar a thagas ar bhainne, uisce (go mbeadh feóil ag beirbhiughadh ann), ar leann dubh, etc. Is sia théigheann (is buaine) an t-únán ná an t-anbhruithe: is tairbhighe an bhó ina beathaidh is ag tabhairt bhainne 'ná í do mharbhadh is a cuid anbhruithe d'ól den uair sin. Bainne fé n-a chuid únáin. Ól siar an piúnt san tá scabhárd ann, féach an t-únán atá air!: an barra geal-bhuidhe lé mianach is suiméar. Bhinn-se ag obair ghá thuilleamh go cruaidh faid bhíodh daoine eile ag cur únáin ar chodladh!: ag sranntarnaigh.

uanfadh: *f. 7 b.* (*-faidhe*) ag cur uanáin; cubhar bán, trom-anál. Nuair thagann fearg air bíonn sé ag uanfadh!: tagann cubharán bán lé n-a bhéal. Baineadh an iomad reatha as an gcapall, bhí sé ag uanfadh is a bhaotháin ag bualadh: cubharán bán lé n-a bhéal. Cad a chuir an t-uanfadh ort? tá uamhan ort: duadh anáile.

uasal: *a.* árd-chéimeach, árd, oirdhearc, suaithnidh, galánta, mórtach, uaibhreach. Duine uasal: fear folaidheachta, féile, go mbeadh smeach ann, an braon glan. Bean uasal cheart í: d'fhuil mhaith, go mbeadh saoitheamhlacht ag baint léi agus gníomh galánta. Clocha uaisle: luachmhara. Is uaisle banaltra ná banóglach: mathair ná friothálaidhe mná. Ní huaisle mac ríogh 'ná a chuid: níl d'uaisleacht ann ach dréir a chéime. Saidhbhreas bodaigh nó bochtanacht duine uasail: is deacair do cheachtar díobh gabháil leis. Ní bhí íseal ná uasal ach síos seal is suas seal: tamall ar fheabhas, tamall ar olcas ag gach saghas duine. Nidhthe ná fuil aon iontaoibh ionta – lá breágh sa gheimhreadh, sláinte duine chríonna, focal duine uasail gan scríbhinn. Dob uaisle dhuit gan aon lámh do bheith agat ina gortughadh: budh mhórtaighe: dob fhearamhla. Níl aon tréith amháin uasal ina chorp: níl sé ann beart ghalánta do dhéanamh. Na daoine is uaisle aigne: iad so go mbíonn meanma árd aca. Pé slighe tá sé tá cuma uasal air: crot go bhfuil galántacht ag baint leis, nó folaidheacht ann.

uathadh: *f.1.* aonaireacht, fíor-bheagán, teirce. Dheineas é im uathadh is im aonar: gan neach ag cabhradh liom. Ná fuil aon uaigneas ort bheith amuigh an dtaca so d'oidhche it uathadh is it aonar: gan neach mhic an Luain léd chois. Fáth maith lé haghaidh ógánach na tuaithe do thabhairt ar na bailtibh móra iad do bheith ar uathadh spóirt: gan puinn spóirt ná grinn aca. Ní raibh ann díobh ach uathadh beag tar éis an chatha: fíor-bheagán. Chaitheamair géilleadh thar éis mí catha mar bhíomair ar uathadh sluaigh: ar bheagán: ár sluaighte sciotuighthe. Eisean a gheibheann furmhór a mbíonn, is mise an t-uathadh: an chuid is lugha.

uathbhás: *f.1.* scannradh, uamhan, anbháthadh, gráineamhlacht, alltacht, mór-chuid. Thuill sé an t-uathbhás airgid agus is é thug uathbhás do: mórchuid airgid agus thug "scannradh dho": chaith sé ar nós an uisce é. Ná tagadh aon uathbhás ort chuige, gheóbhair do chion ach foidhne do bheith agat: fonn thar meón. Ólann sé an t-uathbhás:

oiread is chuirfeadh alltacht ar dhuine lé n-a mhéid. Chuir sé uathbhás orm a raibh de bhiadh ar an mbórd: leath mo shúile orm le hiongadh. Ar an maoidheamh atá air budh dhóigh leat go mbeadh uathbhás déanta aige: an sceón saothair. Scéal caillighe an uathbháis atá aige: scéal áidhbhéiseach ar fad ar fad. Sé uathbhás an cheanntair é, níl éinne sábhálta aige: scannradh i gcroidhe gach n-aon aige. Mara mbeadh an t-uathbhás a tháinig orm dhéanfainn i bhfad níos fearr: anbháthadh. Lá uathbháis an lá indiu: lá an-olc.

uathbhásach: *a.* uathmhar, scannruightheach, áidhbhéil. Nách uathbhásach an rud do dhein an fear san agus a bhean do mharbhadh i bhfuil fhuar: gráineamhail. Srón uathbhásach lé faid air: ró-fhada, ró-ghráineamhail. Go dtugaidh Dia ná faghadh éinne againn bás uathbhásach: mío-nádúrtha. Bíonn siubhal uathbhásach ag girrfhiadh d'ainmhidhe bheag: iongtach.

uathmhaire: *b.4.* uamhan, eagla, fuath. D'fhéach sé ar an marbh is uathmhaire air: bhí sé ar baillchrith ag an radharc: uamhan is gráineamhlacht. Ní chuirfeadh cogadh ná bás uathmhaire air: gráin mhairbh.

uathmhar: *a.* scannruightheach. Radharc uathmhar dob eadh é tar éis a bhuailte, fuil ina sruthánaibh leis: chuirfeadh duine ar crith.

ubh: *f.1.* colaid go dtagann beatha as, an cholaid do bheireann éanlaithe, etc. Ubh lachan, gé, circe, dreoilín, etc. Gan toirt uibh dreóilín ann: an-bhídeach. Tá sé mar bheadh cearc go mbeadh ubh aice ó mhaidean: corrthónach: gan luighe ar a earball. Ubh circe ag teacht ag iarraidh an uibh ghé: an beagán chun an mhóráin d'fhagháil. Ubh fiadha: ubh do chaitheann cearc uaithe sara mbíonn an sleagán air. Ubh gliogair: ceann olc, mar bheadh fé chirc ná tiocfadh geárrcach as. Ubh neide na fáire: an t-ubh a fágtar san nid chun na circe do mhealladh agus luighe san ionad san chun beartha. Táid chómh daor lé dhá ubh ar phingin: daor go maith. Tugadh cloch in ionad an uibh dom: ní bhfuaireas an rud go raibh súil agam leis. Tá sé chómh teann le hubh: fóirlíonta. Mara raibh sé ar meisce bhí sé chómh lán lé hubh: oiread caithte is fhéadfadh sé d'ól. Nách cothuighthe beathuighthe atá sé chómh cruinn lé hubh: borrtha amach. Sé ubh na circe duibhe agat: rud go mbeadh an chion ag duine air ná beadh tuillte aige. "Cá mbéarfair an t-ubh?" lé duine a bhíos ruaiseach, fústarach. Is maith é bleathach uibh is braon brannda air do dhuine lag: ubh buailte. Buidheachán is gealacán uibh: an chuid bhuidhe is an chuid gheal. Scannán uibh: an tseicne idir an plaosc is an biadh. Seachain é, plaosc uibh atá air: soibhriste. Tá aithne agam air ó tháinig sé as an ubh: ó saoghaluigheadh é. Ní hé roinnt na gcúig n-ubh atá agat lé déanamh air, tabhair a chuid féin dos gach éinne: roinnt dheacair. Ubh séidte: ubh go mbíonn an biadh séidhte nó súghairicighthe as. Tá sé chómh lán is bheadh ubh: ní raghadh a thuilleadh ann.

ubhaillín: *f.4.* ubhall beag, múirnín, geall beag. Ubhaillínidhe ná raibh oiread do shúl ionta is iad chómh daor lé dhá ubh ar phingin. Ní raibh ionam an doras d'oscailt mar ná féadfainn greim d'fhagháil ar an ubhaillín a bhí air: geall beag: cnapán cruinn.

uabhall: *f.1.* liathróid, meall cruinn, cnapán, geall, rogha, togha, alt, toradh cruinn. Uabhall mo leise, cromáin, m'ailt, etc. Rug sé ar uabhall píopáin orm is shaoileas go

rabhas tachtaithe aige: meall na brághad. Uabhall an sceadamáin, na scórnaighe. D'ith Adam uabhall na haithne: an t-uabhall i ngáirdín Pharrathais a bhí toirmiscthe ortha do bhlas. "An bhfeaca tú an t-uabhall agat ortha, is mór é t'ádh: an rogha agat. Ag caitheamh uabhall san ubhallghort bheith ag breith éisc 'on tigh seo is é lán cheana de: rud gan ghábhtar. "Fuair sé i bhfearann diamhair é, agus i bhfásach uaigneach uaillfheartach; agus do threoruigh sé tímcheall é, do theagaisg sé é, do choimeád sé mar uabhall a shúl": go ceanamhail. "Go ndéinidh an diabhal dréimire de chnámh do dhroma ag priocadh uabhall i ngáirdín ifrinn": císte uabhall. Ó's aca a bhí an chómhacht is an tighearnas thógadar uabhall na críche dóibh féin: an chuid dob fhearr. Is fada uabhall na scéimhe ceapaithe dhi: craobh na háilne. Uabhall an dorais: geall: meall: an lámh i bhfeirm liathróide a bhíos ar dhoras. Tá oiread uabhaill de chnapán ar a éadan ó bheith ag troid: cnapán mór. Crann, bláth uabhall.

ubhlach: *a.* torthamhail fé ubhlaibh. Contae ubhlach Árd-Mhacha.

ubhlacán: *f.1.* liathróid leath-mhór d'fhéar, de shnáithín etc.; patalóg bhunóice, coinín. Déin ubhlacán den súgán san: leath-cheirtlín. An leinbhín i gclúid an tsúsa ina ubhlacán: casta go gleóidhte ar a chéile.

ubhlúird: *b.2.* garrdha, gáirdín nó górt ina bhfásann ubhla.

úcadh: *f.* (*-ctha*) éadach do reamhrughadh is bruth do chur air. Oibrigheann sé muileann úctha: chun reamhruighthe.

úcaim: *b.a.* reamhruighim. Ní maith a húcadh an plainín sin, tá sé an-thútach: a reamhruigheadh.

úcaire: *f.4.* duine a reamhruigheas éadach. Nuair bhíonn an táilliúir san t-úcaire: ag déanamh ar dhuine i dteannta gach nidh eile (sean-chainnt): leanann mórán costaisidhe duine. Cré úcaire: a bhíos chun a gnótha. "Thángadar agus sheasadar ag tiobraid an locháin dob áirde, noch atá i slighe móir machaire an úcaire" (2. Riogh. XVIII. 17). Gréasaidhe, úcaire is muc an triúr is sailche (bréine) amuigh.

úcaireacht: *b.3.* reamhrughadh éadaigh. Cad é an úcaireacht atá agat leis sin? ag gabháil de faid gach 'n fhaid is gan é réidh leis: útamáil.

úcamáil: *b.3.* reamhrughadh, cóiriughadh, bruthughadh éadaigh. Cad é an úcamáil atá agat leis na cártaidhibh sin?: budh dhóigh leis gur ghá reamhrughadh bheadh sé.

ucht: *f.3.* brágha, tosach, brollach, faobhar, ciumhais, greas oibre, an obair a ghnítear in aon líne ar feadh guirt; son, taise, iocht, truaighmhéile, trócaire. As ucht Dé leig dom féin tamall éigin: ar son, ar ghrádh. As ucht a bhfuil marbh leat ná déin a leithéid: ná déin rud ná taithneóchadh leo. As ucht go bhfuilir láithreach ní déarfad a thuilleadh: ar do shon amháin. Bíodh an buille sin aige as ucht ar thug sé dhom: i dtaobh, mar gheall air. Thánag díreach in ucht na huaire go rabhadar ag gabháil air, agus chosnuigheas ortha é: ar an am díreach. Tá sé lé hucht an bháis lé seachtmhain: i mbéalaibh báis. Ná tagadh éinne

eatartha anois, táid ucht le hucht: aghaidh ar aghaidh chun troda. Shuidh an leanbh im ucht: an chuid de dhuine a chlúduigheas a chuid éadaigh ó chrománaibh go glúinibh is é suidhte. Níl aon phóca uchta ar mo chasóig: os cionn na n-asnaidheach uachtair. Shuidheamair ar ucht an tighe: ar a chliathán tamall anuas ó n-a bharra. Ghaibh sé thar ucht an tighe agam gan teacht isteach ar mo thuairisc: thar brághaid: dá thaobh. É do shuathadh ar ucht na mara: uachtar: barr. Seachnuigheadh gach éinne é féin air, níl ucht ná iontaoibh: neamh-thrócaireach, feallteamhail. Bailigh do chuid it ucht is bí ag cur díot: chughat. It ucht féin an méid seo, gan aon bhaint ag neach eile leis: do chuid dhílis. Tabhair t'ucht do anois: téighir in aghaidh na síne. Tabhair t'ucht don gconntabhairt: iompuigh chúiche. Bhí a ucht buailte anuas ar chlaidhe an droichid aige: ar a chromadh air. An bhfuil sí lé hucht clainne: i ngiorracht do leanbh do bheith aice? An bhfuil t'ucht thart fós: do speal oibre. "Nuair théigheann an sár-fhear i bpáirc an ghuirt/ 'sa chorrán ar a chuislinn phlúraigh/ is tapaidh neamhspleádhach a ghearrann a ucht/ is bíonn an barr aige ón gcúigear": an bheart a bhíos roimis amach. Bhíodh fear uchta aige agus breis do chun oibre do bhaint as an gcuid eile: ceann ródaidhe. An garma ucht i seol: an ceann tosaigh. Ucht doimhin ag an gcapall: brollach: treó na háite go gcuirtear brágha air. An bhfuilir dathad órdlach tímcheall t'uchta: mórdtímcheall an chuirp ag pollaibh na n-oscall. Buail t'ucht is cuimhnigh ar Dhia. An it ucht a theastuigheas uait go haonnidh do chur duit?: gach aon rud do dhéanamh duit gan aon strus do bhreith ort féin. Chómhairigh sé trí chéad púnt spré chúiche isteach ina hucht: ar an láthair: in aonfheacht. "Do teilgeadh an crannchur san ucht; acht is ag an dTighearna atá a chur i gcrích uile" (Seanráidhte XVI. 33). Mac uchta seadh é: tógtha mar oidhre. D'fháiscfinn lém ucht thu: tá cion mór agam ort. Luigh an leanbh a cheann ar ucht a mháthar: isteach lé n-a clí.

uchtach: *f.1.* módh nó slighe labhartha; meisneach; fánaidh; taobh cnuic; dlúthas. Budh bhreágh an t-uchtach a bhí aige ag tabhairt seanmóna uaidh: b'fhéidir é do chloisint go soiléir, agus tamall ó bhaile: líomhthacht úrlabhra. Glac uchtach chuige, táir i ndán é do dhéanamh: bíodh meisneach agat. Is fearr uchtach ná foghluim aige: is cliste as a theangain é 'ná mar tá léigheann air. Mara mbeadh tusa bheith ag tabhairt uchtaigh dóibh ní bhuailfidís a chéile: ag cur meisnigh ortha. Chaith sé uchtach airgid ar a laetheantaibh saoire, ní raibh aon tsrian leis: lán mála.

udhacht: *b.* $_7$ *f.3.* scríbhinn i bhfuirm dhleaghthach lé n-a gcuireann sé treóir ar a maoin lé n-a chur i bhfeidhm thar éis a bháis; geallamhaint shollamhanta. D'fhág m'athair míle púnt lé hudhacht agam: airgead a tháinig chugham dréir dhlighe na talmhan toisc gur bh'é a thoil sin. Fágaim lé hudhacht ag Dia go bhfuil an ceart ar fad agat: dearbhuighim ina láthair. Is mé an sagart udhachta a bheidh air: "marbhóchad" é. Tá sé in udhacht bháis: ar barrghail. Dar udhacht an tseangáin, is fíor dhuit gur mar sin atá: dar fiadh! Is iomdha braon dighe curtha ina udhacht riamh aige: mórchuid ólta aige.

udhachtóir: *f.3.* duine a dheineas nó a fhágas udhacht ina dhiaidh.

udhachtughadh: *f.* (*-uighthe*) ag fágaint lé hudhacht, ag dearbhadh go daingean, sollamhanta. É ghá udhachtughadh do Dhia go mbeadh m'anam air dá bhfaghadh sé greim orm: ghá thiomnughadh féin. Bí ag udhachtughadh leis anois, sin a bhfaghair: ag cur deiridh leis. Táim ghá udhachtughadh dhuit gurb í an fhírinne í: ghá dhearbhadh: ghá

thiomnughadh. Níor leig do faic d'udhachtughadh dhom: d'fhágaint thar éis bháis dá mhaoin.

udhachtuighim: *b.a.* fágaim in (le h) ucht, dearbhuighim, tiomnuighim. Udhachtuighim do Dhia go mbainfidh sibh mo mheabhair shaoghalta dhíom mara mbíonn deallramh libh: dearbhuighim i láthair Dé é. Udhachtuighim do Dhia go bhfuil corplár na fírinne aige gan aon tor do thabhairt ar an ngliogaire ach bheith ag cainnt leis: admhuighim go láidir. D'udhachtuigh sé gan oiread agus pingin d'fhágaint ge n-a mhnaoi: d'fhág ina udhacht san.

uchtamhail: *a.* go n-ucht mór; meanmnach, meisneamhail. Ghluais sé go huchtamhail tríd an sluagh aca gan eagla bagartha ortha: meisneamhail: a cheann san aer aige. Is uchtamhla mise ná thu, tá tímcheall dathad órdlaigh agam: is fairsinge tímcheall mo chabhlach me.

uchtán: *f.1.* bacla. Uchtán féir: oiread is bhéarfadh duine ina bhaclainn.

uchtlán: *f.1.* tuirse croidhe, brón, mairg. Uchtlán cléibhe orm-sa, mhuis, má chorruighim cos chun a chabhartha: mío-ádh orm. Cad é an t-uchtlán so ort anois go bhfuilir ag cáiseamh: mairg: buaidhreamh.

úd: *a.f.* thall, tamall ó bhaile. An duine úd a bhuail in Áth Cliath linn: duine áirighthe, so-chuimhnte. Ar chualaís riamh an rud úd a dubhairt an seanfhocal: fadó riamh. Cad n-a thaobh teacht chómh luath úd ist ló, ná raibh eaga go leór agat: luath ar fad.

úd: *f.1.* túis, tosach, ucht, poinnte, ionbhaidh. Tá an mhuc in úd a marbhtha anois: oireamhnach glan chuige. Tá an leabhar in úd a léighte: réidh.

udhá: dáltha, cosamhlacht. Táir-se chómh dealbh ó airgead lém dheárnain, a udhá agam-sa é: mar a chéile díreach.

ughaim: *b.5.* (*-ghmach*) gléas, culaithirt, cléibheanna árd-ualaigh, cúram, imshníomh, tíorántacht. Is orm-sa cuirtear an ughaim choidhche is go deó: an t-ualach: an t-iomard. Táimíd in ughaim treabhtha, oibre anois: tiargálta, réidh, gabhtha, ullamh. Chuir an cheist dheacair úd trím ughamachaibh go maith me: go dtím aon bheart: chuir sí nách mór thar mo riocht me í d'fhreagairt. B'fhéidir go dtógfadh sé an togha, ach cuirfear trí n-a ughamachaibh é: beidh tuilleadh is a dhá dhóthain lé déanamh aige. B'é an lá bróin duit an lá ceangladh fén ughaim thu leis an meisceóir sin: do pósadh. Caithimís dinn ughaim na daoirse: cuing. An bhfuil an ughaim i gculaith fós agat?: na cléibheanna gabhtha ina gceart fé na mbrollaighibh is uile oireamhnach lé cur ar ainmhidhe. Ní bheidh choidhche ort ach an ughaim: an aindeise is obair chruaidh.

ughdar: (**úghdar**) *f.1.* an té is bun le haonnidh, bunadh, túis, adhbhar, cruthnuightheóir; baránta, tacaidheacht, duine a cheapas nó a chumas saothar nó dréacht liteardha; scríobhnóir. Droch-ughdar de shean-chapall go bhfuil a lá istigh: ceann dearóil. Ní fheadar-sa fíor nó bréag é, í siúd m'ughdar-sa leis: sin é a thug dom-sa é mar thugaim

uaim é. Is olc an t-ughdar bidh na prátaidhe aiththéidhte seo: ní maith an t-adhbhar lé n-itheadh iad. Ní maith an t-ughdar gáire agat é siúd, beir leat uaim-se é: ní maith an earra dhuit mar adhbhar magaidh é. Is minic focal ughdair i mbéal amadáin: chloisfeá cainnt chliste ó dhuine ná beadh coinne agat leis. Dia ughdar na beatha: an té a chruthnuigh í. Ní haon ughdar ar an aimsir me: ní fhéadfainn fáistine do dhéanamh uirthi. Taca agus ughdar claon-chómhairle: an té a thugas í agus a chothuigheas í. Abair lé Piaras an Dúna ó 'sé ughdar ar gach dán: breitheamh ceart. Ní fiú sceal gan ughdar: ní fiú éisteacht lé scéal muna mbíonn dearbhthacht air. Ughdar gach peaca uabhar: is é cúis agus bun-phréamh leis. "Agus ar mbeith dho ar na dhéanadh iomlán, do rinneadh ughdar an tslánuighthe síorraidhe dhe do na huile-dhaoinibh umhluigheas do" (Eabhraigh V. 9): ceannphort. Cé hé ughdar an leabhair seo?: an té a scrígh é. Is breágh leis bheith ag déanamh úghdair de ar an uile rud: gach nidh d'fhágaint fé n-a threorughadh. Ní fhéadfá gan bheith ag déanamh ughdair díot féin pé áit ina mbeidh sé: ceann: breitheamh. Níl aon ughdar sa tigh agam-sa: níl aon chómhairle agam ná cead chuige.

ughdarach: (**úghdarach**) *a.* cómhachtach, ceannasach, máighistireamhail. Is deacair obair do, bíonn sé ró-ughdarach: an iomad órduighthe is máighistireachta. Níl aon chómhacht ughdarach agam-sa sa tigh seo: ní bheadh aon tor ar mo chómhairle ná ar m'órdughadh. Ní ghlacfainn-se cainnt ughdarach uait dá mbeitheá céad uair níos fearr 'ná taoi: órduightheach: mursanta.

ughdaraidheacht: (**úghdaraidheacht**) *b.3.* buannaidheacht, ceannasacht, máighistiridheacht. Bíonn ughdaraidheacht an domhain aige, ach ná géilleann neach do: dar leis gur féidir leis órduighthe do thabhairt uaidh, agus go bhfuil cómhacht aige. Léd chuid ughdaraidheachta féin atá san déanta anois agat: asat féin: gan cheadaidheacht: tighearnamhlacht. Seo ughdaraidheacht agam chun na n-earraidhe d'fhagháil: cómhartha go bhfuil cóir is ceart agam chúcha. Déin ar m'ughdaraidheacht-sa é: mise ghá cheadughadh.

ughdarás: (**úghdarás**) *f.1.* teidealaidheacht, ceart, cóir, barántas, forlámhas, tighearnamhlacht. Is mór an t-ughdarás duit méar do chur air sin, rud atá ar thapa de bhfionntar: tighearnamhlacht: mío-náire: dánaidheacht. Déanfad ar m'ughdarás féin é: asam féin: ar mo mhuirearaighe féin. Budh mhór an t-ughdarás duit doras tighe éinne d'oscailt: tighearnamhlacht: clódhchas. Ughdarás gan eólas atá agat: clódhchas chun ruda a dhéanamh is gan aon tuairm déanta agat do. Eolas gan ughdarás atá agat agus níor cheart duit bheith ghá leathadh: tuairisc ná fuil dearbhacht gur fíor é. Séamas m'ughdarás-sa leis: sin é a inns dhom é. Níor mhaith an earra thu dá mbeadh ughdarás agat: ceannaireacht. Is mór an t-ughdarás dod leithéid do brusaire labhairt lé fear eolgaiseach mar é: clódhchas is deiliús. Is fada go raibh ughdarás ag athair ná máthair air: smacht. Fé ughdarás an riaghaltais atáim ghá dhéanamh so: fé n-a chómhacht 'sa stiúrughadh. Thabharfadh sé fé aon rud do dhéanamh, tá an t-árd-ughdarás aige: sár-dhearbhacht aige ann féin is ina ghníomh.

ughdarásach: (**úghdarásach**) *a.* cómhachtach, tighearnamhail, clódhchaiseach, dána, teidealach, máighistireamhail. Tá an taoiseach an-ughdarásach anois, ní mór ná go bhfuil cead uilc is mhaitheasa aige: cómhacht mhór tugtha dho. Ní bheadh sé chómh

hughdarásach ag cainnt mara mbeadh go raibh lucht leanamhna aige: fuadrach: teann. Éist leis an nduine seo, is aige atá an scéal ughdarásach: bunadhasach: dearbhtha: gur féidir seasamh air. Níor bhuail éinne riamh liom, d'fhear eólgaiseach mar é, is neamh-ughdarásaighe 'ná é: is lugha clódhchas: is lugha gur mian leis ceann do dhéanamh de féin. Tá focal ughdarásach Dé againn leis go bhfaghaidh an uile-dhuine a thuilleas é an bheatha shíorraidhe uaidh: bunadhasach: nách féidir tránas ná bréagnughadh do dhéanamh air. Léim sé go hughdarásach isteach im bhád gan chead gan cheileabhradh: go dána.

ughdarásamhail: (**úghdarásamhail**) *a.* ughdarásach. Is ughdarásamhla amuigh 'si mbaile é ná éinne eile dhen gclainn: is é is neamh-thámáiltighe. Ar an gcuma ughdarásamhail do chuir sé chuige budh dhóigh leat air gur aige a bhí an t-eólas ar fad: tighearnamhail: ag dumas eólais.

ughdarughadh: (**úghdarughadh**) *f.* (*-uighthe*) do thabhairt ughdaráis. Scrígh sé leitir ghom ughdarughadh an obair do chur ar bun: ag tabhairt cómhachta dhom. Seo ughdarughadh dhom pé rud is mian liom do dhéanamh leis an dtigh é do dhéanamh: ag tabhairt ceada agus cómhachta dhom. Leitir ughdaruighthe.

ughdaruighim: (**úghdaruighim**) *b.a.* tugaim ughdarás, cómhacht do. Cé d'ughdaruigh duit-se cómhnaidhe sa tigh seo?: cé thug cómhacht duit? Ughdaróchad do a rogha rud do dhéanamh mar tuigtear do: déanamh mar is mian leis.

ughdaruighthe: (**úghdaruighthe**) *a.r.* fé ughdarás, comhairlighthe, curtha suas chun. Ní chuimhneóchadh an duine saonta choidhche ar rud chómh hurchóideach leis do dhéanamh gan é bheith ughdaruighthe chuige: cómhairleach do bheith air. Táim ughdaruighthe ón riaghaltas bóthar do dhéanamh tríd an áit seo: cómhacht is foillse fachta agam.

ughamadóir: *f.3.* fear déanta gléis capaill. Ní hughamadóir go brágha: ceárdaidhe maith a dhéanfadh é sin ar fheabhas.

ughmaim: *b.a.* gléasaim, gabhaim, cuirim culaithirt ar. Ughmuigh an t-asal is beir ualach móna leat: cuir na cléibheanna air. D'ughmuigheas an t-ainmhidhe ó bhéalbhaigh go tiarach: chuireas gléas nuadh air amach as an ndeil.

ughmughadh: *f.* (*-uighthe*) do chur culaithe nó gléise ar. Dá mbrisinn mo chroidhe ní fhéadfainn an tsean-mhiúil d'ughmughadh lé n-a fiadhantas, í ag éirghe as a tosach is as a deireadh: í do ghabháil chun oibre.

ughmuighthe: *a.r.* gléasta, curtha i gculaith, gabhtha. Chómh luath is bheidh na hasail ughmuighthe agaibh gluaisidh chun cnuic: gabhtha: culaith na hoibre curtha ortha. Ní mar a chéile bhíos an capall is an camall ughmuighthe in ao'chor: ní he an saghas céadna gléis a bhíos ortha.

ugó: *f.4.* rogha, toil, geallamhaint, dearbhacht, breith. Níor thug sé ugó dhom an ceann dob fheárr ná aon cheann eile do thoghadh: níor fhág fúm féin é. Thug sí ugó a hinghean do thabhairt le pósadh dhom is í ar leabaidh a báis: thoilteanuigh sí leis. Ní bhfuaireas aon ugó leis an mbuin: aon gheallamhaint cathain bhéarfadh sí ná urradhas ar bith ina taobh.

ughra: *f.4.* troid, gleódh. Rúnaidhe cách go hughra: coimeádann daoine rún ar a chéile go dtí go dtroidid.

úicneáil: *b.3.* úcaireacht, útamáil, cuimileáil, tuaipleáil. Cad í an úicneáil atá ort leis na cártaidhibh sin ná scughfá amach iad mar a dhéanfadh éinne: tuaipleáil: láimhseáil fholuightheach. B'ait liom cad í an úicneáil a bhí sa bhóithrín air, ní fhéadfainn a dhéanamh amach cad a bhí ar siubhal nó ar bun aige: útamáil: corradghail ait. Úicneáil an diabhail bhuidhe féin aige leis an airgead ar an gconntabhairt, shaoileas ná beadh sé cómhairighthe choidhche aige: útamáil: cuimileáil. An úicneáil ar fad a bhí ina phóca aige shaoileas ná beadh an t-airgead fachta choidhche aige: cuardach is útamáil. Thugadar úicneáil mhaith dá chéile, cuid aca goirtighthe go maith: slagairt tuanaiste: tuairgneáil. Níor fhág an t-asal luid air gan úicneáil, é ag léimeadh is ag raide: briseadh is stracadh.

úicneálaidhe: *f.4.* ablálaidhe, cuimileálaidhe, útamálaidhe. Úicneálaidhe tímcheall oibre atá ionat, ní fheaca rud slachtmhar riamh dhá dhéanamh agat: aindeiseóir: gíotálaidhe gan mhaith. Caithfidh an t-úicneálaidhe sin an lá leis an gcúram san. Nách ait an t-úicneálaidhe tímcheall airgid é: méarnálaidhe ná beadh a fhios agat cad bheadh dhá dhéanamh aige.

úidh: *b.2.* aire, áird, céim. Ní húidh leis ach mar is maith leis: ní mian leis faic do dhéanamh ach mar is tuigtear do féin. M'úidh leat is mo shúil go mór leat: bhí mo mhuinghin is m'iontaoibh asat. Ní thugann neach úidh ná aire dho: neamhthor do gheibheann sé. Scaoil chugham é go réidh úidh ar n-úidh: go mall, ina smut is ina smut. Úidh ar n-úidh a bhíos ag cur an bhóthair fhada dhíom mar bhíos trom-ualaigh: céim ar chéim.

uile: *a.* an t-iomlán, gach aon chuid nó rud, ar fad, go léir. Bídh amuigh, gach uile dhuine agaibh, a phaca bleaigeárd: beag is mór. Chaitheas mo chuid airgid uile go léir: a raibh agam. Bíodh an uile phingin agat dá bhfuil agam: an tsuim ar fad. Tá fúm siubhal mórdtímcheall Éireann uile: gach aon phioc den mbealach. Is eól do Dhia gach uile nidh: níl aon rud i bhfolach air. Cuireadh an uile-shaghas bídh ar an mbórd chughainn: a bhfuil de shaghaiseannaibh ann. Do leithéid níl sa domhan uile: ar fad. An uile lá bím ag bagairt air aire do thabhairt do féin: iad go léir. "An bhfuil a thuilleadh lé rádh agat?" – "sin uile": sin é an méid. Bhí droichmhianach ann gan amhras nuair bheadh braon ólta aige, ach ina dhiaidh sin is uile ní raibh éinne dob ionmhaine liom 'ná é: dá aindeóin sin. Ní tú an t-éinne amháin atá bocht, tá cách uile mar é: gach éinne. Ina éagmais sin is uile bhí dhá chéad púnt sa bhannc aige: seachas san. Fuair an uile-leanbh riamh aca scilling uaidh: níor fágadh éinne ar lár. I dteangain uile an cheanntair níor chuala an chainnt sin riamh: innte ar fad. Ar nós an bheacáin, d'fhás tu uile in aon oidhche: gach órdlach díot. Éirighidh uile: ná fanadh neach den ndream go labhartar leó gan éirghe. Bíonn Dia ag faire ar ár ngníomharthaibh an uile am: do shíor. "Ar thugair leat a lán?" – "iad go huile":

gach ceann. Bíodh an uile-shúil agat air: fair go maith é. Leig do féin, bheadh an uile-bhéic aige sin gan puinn cúise: ní fios ach an méid calláin a dhéanfadh sé. Chuir sé síos an uile-fhocal dá ndubhairt: níor fhág sé oiread focal ar lár.

uile-: *i gcfbh.* ar fad, go léir. A Dhia shíorraidhe, uile-chómhachtaigh: go bhfuil an chómhacht ar fad aige. Dia uile-thrócaireach: go bhfuil trócaire dos gach éinne. Tá Dia uile-láithreach: bíonn Sé san uile áit ar an am gcéadna. Deineadh uile-loscadh ar an gcathair: dóghadh í ar fad.

uille: *b.5.* an chéad alt nó cor sa ghéig ar an dtaobh anuas den ngualainn; lúb, casadh nó iompódh grod; iarann mar chnaoi i luing. Is gonta an rud cnámh uilleann do bhualadh i gcoinnibh ruda: an bior. Bhí béal chómh mór ag cainnt air go gcuirfeá do lámh go huillinn siar ann! Cathaoir uilleann: gur féidir na huilleanna do leagadh uirthi is duine suidhte innte. "Fogha dá hingin, dá huillinn, dá sala": súnc leis an láimh i mbaic. Bí aireach míle ón áit seo, tá uille sa bhóthar atá an-chonntabharthach: casadh grod. Ghluaiseamair uille ar uillinn: taobh ar thaobh go dlúith. Thug sé uille don bhfear, is feall in imirt é sin: é do bhualadh lé hubhall na huilleann. É suidhte is uille ar ghlúin aige 'sa bhas fé n-a aghaidh.

uilleach: (**uilleannach**) *a.* cuinneach, casta, lúbach, grod. Gort trí-uilleach: go dtrí gcúinnidhibh. Gort ceathair-uilleach: go raibh chúig chúinnidhe air. Bóthar uilleach: go mbíonn castaidheacha groda ann. Nách uilleach ataoi: ag tabhairt súnc leis an uillinn.

uilleannacht: *b.3.* súncáil leis an uillinn, cur i leathtaoibh; go mórán bac nó cúinne. Cuir uaim an uilleannacht, ní theastuigheann aon chómharthaidhthe san imirt seo: teangmháil leis an uillinn. Cúrsa fada d'fharraige atá ann toisc an uilleannacht ar fad: lúbacha is rinneanna.

Uilliam: (**Liam**) *f.1.* ainm fir. Cogaidhe Riogh Uilliam. Ní bhainfeadh an dá Mhac Uilliam comhthrom de: is rí-dheacair aon chomhthrom do bhaint de.

úir: *b.2.* cré thorthamhail na talmhan, an talamh, an uaigh. Go raghad 'on úir cuimhneóchad do ar an gcomaoin do chuir sé orm: go n-adhlacthar me. Cad a chuir dath na húire ort?: dath an bháis. Dóghadh an tigh síos go húir: síos go talamh. Úir na cille: cré na roilige.

úire: *b.4.* nuadhacht, gan guirteamas, feóidheacht, bláthmhaireacht, buige; féile, oineacht, taisreacht. Dá aosta é tá an úire ina cheannaghthaibh fós: bláthmhaire. Tá sé ag dul i ndéidheannaighe san mbliadhain ambas, tá an úire ag teacht sa talamh: taisreacht: ag teacht fé. Is breágh liom iasc ina úire tamall thar éis beartha air: sara mbíonn salann air. B'fhearr an fheóil gan an oiread úire bheith innte: gan í do bheith i bhfad marbh. Tá na prátaidhe sleamhain lé n-a n-úire: a nuadhacht 'sa n-óige. Ní thiormóchadh éadaighe le húire na haimsire: taisreacht. Is beag den úire atá ag baint lé n-a láimh, is fada gur thug sí déirc ná tabharthas uaithi: féile. Lé n-a úire thabharfadh sé an léine dá dhrom do dhuine: laimhthighiseacht.

úireacht: *b.3.* an chuid úr, taisreacht, nuadhacht. Úireacht na haimsire atá ag teacht lém shean-chnámhaibh go bhfuil na dathacha gránda so orm: a fliche: taisreacht san aer. Úireacht na coille: an chuid ghlas di. Ní lasfadh an mhóin le n-a húireacht: nuadhacht.

uireagla: *f.4.* eagla uathbhásach. Cuirir uireagla orm leis an scéal gráineamhail sin agat: eagla mo chroidhe. Uireagla ar an leanbh roim an madra: eagla uathbhásach.

uireaglach: *a.* scannruightheach. Thug sé fé ach is go h-uireaglach é: scannruighthe.

uireasa: (**uireasbha**) *f.4.* ceal; bheith gan rud. "T'r'om dabhaid aráin" – "déanfair dá uireasa": beir gan é. Dá mbeadh a uireasa air thógfadh sé é: dá dteastuigheadh sé uaidh. An bhfuilir in uireasa aonnidh bhéarfainn ón mbaile mór chughat?: aon rud uait.

uireasbhach: *a.* lochtach, gábhatrach, bocht, dealbh. Tá an chulaith uireasbhach: rud éigin ar ceal léi. A bhuidhe lé Dia níl uireasbhach fé thobac ná aon rud eile: níl a cheal orm. Bean bhocht uireasbhach bróin: go bhfuil mórchuid in easnamh. Ar an slighe labhrann sé is ghníonn sé nách dóigh leat go bhfuil sé uireasbhach?: rud éigin ar an inchinn aige. Ní féidir an lampa do lasadh, tá sé uireasbhach: rud éigin ar ceal uaidh. Uireasbhach go maith i dtaobh mná: theastóchadh bain-chéile go maith uaim. Nách mór an truagh a úrlabhra bheith uireasbhach: ceal líomhthacht bheith ag teacht leis. Uireasbhach fé éadach: ceal éadaigh nó droich-éadach.

uireasbhaidh: *b.2.* ceal, gábhtar, deilbhe, bochtanacht. Beir leat ná fuil aon uireasbhaidh céille ar an mbarránach san, gur deacair salann do chur ar laogh dhó: ceal céille. "Is furaiste an tír d'aithlíonadh 'e laochaibh d'uireasbhaidh eangaidhe gan bhrigh gan éifeacht": gan bac lé. Bíodh rud agat féin nó bí dá uireasbhaidh: déin do ghnóth gan é. Cogadh gan eagla nó ampla gan uireasbhaidh: guilm ithte do bheith ar dhuine is go leór de bhiadh do bheith lé fagháil aige. Is maith an t-eólaidhe an uireasbhaidh: múineann gábhadh dho dhuine slighe chun a fhoirthinte. Tá sé ráidhte riamh agus is fíor é, gur uireasbhaidh a mhéaduigheas cumha: bíodh bochtanacht ar dhuine i dteannta bróin agus is seacht measa déag do ghoilleann sé air. Déanfad det uireasbhaidh: gan thu: gan aon chabhair uait. Is breágh dho é, tá sé gan uireasbhaidh gan imshníomh sa tsaoghal: níl aon rud ag teastáil uaidh ná ag cur aon mhairge air. B'fhearr liom déanamh dá (ina) uireasbhaidh ná é do thógaint mara bhfaghainn lé toil é: gan é agus ciotaighe do bheith dá chionn orm. Níl aon uireasbhaidh cainnte ort nuair is maith leat é: teallaire seadh thu. Chidhim uireasbhaidh na mbróg ort: teastuighid uait. D'fhan uireasbhaidh ar an spréidh: níor díoladh in iomláin í. An bhfuil aonnidh in uireasbhaidh ort chun an éadaigh?: an bhfuilir gearra?

uirghe: *b.4.* cloch na geinte. Seachain an uirghe chlé.

uirgheall: *f.1.* cainnt, briathar, focal. Níor chuir sé aon uirgheall orm: níor bheannuigh sé dhom: níor labhair sé liom. "Croidhe fuar na n-uirgheall dte": a béal chómh haibidh 'sa croidhe ar nós na leac oidhreach.

úirín: *f.4.* teaichín a thóas páistidhe de mhion-chlochaibh, deideanna, etc.

uiriscín: *f.4.* suarachán, truailleachán. Níor cheart d'éinne a lámh do shíneadh chun an uiriscín bhoicht, atá meathluighthe ó saoghaluigheadh é: duine beag, lag, dearóil gan neart gan téagar.

úiríseal: *a.* an-umhal, neamhthóirtéiseach, maol, cúlbhánta, íseal i gcéim, mín. Daoine úirísle mar sinne caithfeam gan ár n-earball do thógaint: daoine ná fuil céim ná cumas aca is éigean dóibh breith suaimhneasach ar an saoghal. Ní bheinn-se ag caitheamh m'aimsire lé scraiste úiríseal: beag-thábhachtach. Dá shaidhbhre é, duine úiríseal atá ann, is iomdha duine gan gustal gan deacra dul ag cainnt leis 'ná é: réadhchúiseach.

úirísle: *b.4.* umhlaidheacht, cneastacht, neamh-thóirtéis, beag-thábhacht. Budh bheag aige ar mh'anam, teacht ag cainnt liom amach as shluagh na n-uaisle go léir, ach cá ngeóbhadh an úirísle?: umhlaidheacht, ceannsacht. Déin an uile rud in úirísle intinne: déin go humhal, toilteanach é gan maoidheamh. Gach bodach is leath-staigín aca ag tabhairt tarcuisne dhom úirísle: beag-thábhacht sa tsaoghal.

úiríslighim: *b.a.* umhluighim, díomholaim, tarcuisnighim, dísbeagaim. Bhain an méid sin cainnte dá chleitidhibh, d'úirísligh sé é, ní bheidh an oiread gaoithe móire feasda aige: thug sé dí-mheas aige air féin. D'úirísligh sé é féin i láthair Dé, ghá rádh ná raibh peacach budh dhona 'ná é: chrom sé is shléacht go humhal, géilleamhail. Ná húirísligh é laistiar dá dhrom, dá mbeadh sé láithreach bheifeá ghá mholadh: ná cáin. Úirísligheann sé é féin lé dul chun tláithínteachta lé n-a eascáirde: tarcuisnigheann.

úiríslighthe: *a.r.* umhluighthe, tarcuisnighthe, dísbeagtha; claoidhte. Is úiríslighthe bhíodar aige go gcaithfidís a mbairéad do bhaint díobh agus sléachtaint do nuair bhuailidís uime: claoidhte, mínighthe i spioraid. Ní úirísleóchainn me féin aon nidh do lorg air thar éis me d'eiteach: ní dhéanfainn rud chómh mí-fhearamhail leis. D'úirísligh sé é féin dos gach éinne, ag rith ó dhuine go duine ag déanamh muinnteardhais leó: d'umhluigh é féin go meathta.

úirísliughadh: *f.* (*-lighthe*) d'umhlughadh, do ghéilleadh go truaillighthe, do cháineadh. Ní bhead ghom úirísliughadh féin ag síor-lorg ortha: ghom chaitheamh féin ar an dtalamh: ag lútáil ortha. Ghod úirísliughadh féin os chómhair an tsaoghail mhóir, ag déanamh raigín díot féin lé hólachán: ag breith mhí-mheasa ort féin trí bheart gan mhaise. Fan ón rud táir sin, ná bí ghot úirísliughadh leis: an-uaisliughadh.

úirleacaim: *b.a.* ₇ *n-a.* caithim aniar, aiseagaim, scéithim, múiscim. D'úirlic sé a raibh ina bholg lé breóidhteacht fharraige: chaith as aniar. Ná húirlic ar do chuid éadaigh: ná caith amach a bhfuil id ghoile. Leig do féin, tá ubh aige, úirliceócaidh a bhfuil ina bholg: tá rún éigin ag déanamh mearbhaill do, scaoilfidh uaidh sara fada é. Ní mór ná gur úirliceas nuair chonnac an clódh gráineamhail a bhí tagtha ar a chorp: tháinig casadh im aigne. Sé a athair ina chrutaon é, díreach mar úirliceocadh sé é: mar "chaithfeadh sé aniar as a bhéal é": mar scéidhfeadh sé as a bhéal: ina aithbhreith. Úirleacann sé: aiseagann biadh.

úirleacan: *f.1.* d'aiseag, do chaitheamh aniar as an ngoile, do scéidheadh. Thug sé an oidhche ag úirleacan, tá sé an-lag: ag caitheamh aniar. Chómh salach lé húirleacan madra: déisteanach lé hamharc air. Tá úirlicidhe follamha air: tonn taoscadh: tugann iarrachtaidhe ar chaitheamh amach ach ní thagann aon rud chuige. É ag úirleacan a ghoile daonna lé breóidhteacht dighe: strus air ag caitheamh amach. Úirleacan fola: fuil do thaoscadh as an ngoile.

úirleachán: *f.1.* an snaithín fuighligh tar éis sníomhtha.

úirliceach: *b.2.* an rud a haiseagtar. Úirliceach madra é sin: otair mhadra. Chuirfidís ag úirlicigh thu leis an suainseán céadna i gcómhnaidhe ar an gcómharsain: bheifeá breóidhte aca. Laigeacht na húirlicighe atá ag teacht leis: an churtha amach. Chuir an biadh masmas air, tá fonn úirlicighe air: fonn taosctha.

úirlis: *b.2.* gléas, arm, oirnéis, fearas, ball oibre, acra. Bailigh chughat do chuid úirlisidhe, tá an lá istigh: na fearaistidhe oibre. Is maith an ball úirlise an tuireasc san: an t-arm oibre. Nách glic ataoi go mbeifeá ag déanamh úirlise dhíom: mise ag déanamh ruda dhuit ná teastuigheann uait féin do dhéanamh. Níl aon bhaoghal ná gur maith an úirlis atá agat chuige, mise: ní ró-mhaith an té go spriogfá air chun ruda do dhéanamh. Ag imtheacht ina úirlis ges gach éinne: ag déanamh gach aon rud suarach do dhaoinibh mar iarrtar air: ina mhaidrín lathaighe. Úirlisidhe feirmeóra, iascaigh, siúinéara, gabha, etc. Bod: ball feardha.

uirmhéid: *b.2.* furmhór, mór-chuid, mór-dhlúthas. Déineann sé gach aonnidh go gcuireann sé chuige ar an uirmhéid: ar an móir-mhéid: ní beag ná suarach do dhéineann sé é. Bhuail uirmhéid an airgid é: an chuid budh mhó dhe. Níl aon uirmhéid ann dá fhaid atá sé ag fás agus an aire do tugadh do: toirt mhór.

uirmheathta: *a. n-dh.* scáinteach, imeaglach. Is uirmheathta an fear ná troidfeadh ar a shon féin: duine gan mhaith ar bith: scraisteamhail.

uirmheisneach: *f.1.* mór-mheisneach. Fear uirmheisnigh a thug riamh fé rud chómh deacair leis do dhéanamh: duine fíor-mheisneamhail.

uirmheisneamhail: *a.* dána, neamh-eaglach. Saighdiúiridhe uirmheisneamhla a thabharfadh aghaidh ar aon rud: gan scáth gan eagla.

uirmhian: *b.2.* sainnt. Níl aon uirmhian id chuid airgid agam, níl uaim ach mo cheart: fonn éagcórach. Duine uirmhéine gur beag leis a mbíonn aige is gur cuma leis connus gheóbhadh sé breis: sainnteamhail.

úirnín: *f.4.* scáinín, snáithín.

uisce: *f.4.* lacht aithnideamhail, lánfhlúirseach, nách mór don nduine, d'ainmhidhe is do gach saghas fáis; farraige, loch, abha, báisteach; fual, mún, deóra. Cad chuir an t-uisce léd shúilibh: iad bheith ag rith. Dhein sé mórán uisce airéir: mórán báistighe. Tá an t-

uisce sa talamh fós, tá sé luath sa bhliadhain: taisreacht an gheimhridh. Tá uisce ar an oidhche anocht, nó ní breitheamh ar an aimsir me: tá báisteach ag déanamh orainn. Fan go ndeinead mo chuid uisce: go scaoilead mo bhraon mar mhúin uaim. Tagann snas ar uisce láithreach (marbh): ná corruigheann: ná bíonn ag rith. Chuirfeadh sé uisce lé t'fhiaclaibh, bhí boladh chómh breágh san uaidh: thiocfadh an dúil mhairbh agat ann. Bhíos in uisce bheirbhthe aige ag éisteacht leis go gcuirfeadh sé crithniughadh ar dhuine leis an saghas cainnte a bhí aige: náire chroidhearg orm aige. Níor bh'fhéidir liom a thabhairt chun cruinnis cad bhí ann, bhí sé ag snámh idir dhá uisce: a fhurmhór fé loch: an t-uisce ag gabháil lastuas de anois is airís. Log uisce ar phláta ní sásta an t-annlann é. Uisce salach ag múchadh teineadh: maith go leór nuair ná beadh a mhalairt lé fagháil. Níl rith an uisce ag an dtalamh: níl aon fhánaidh leis. Tá an té seo chómh lag le huisce: níl aon tsuiméar ann. Bhí an dá nadhbhóig ar chómh-uisce, níor bh'fhios céaca bheadh chun tosaigh: ar chóimhrian. I rith na haimsire ar fad bhí mo mhuinghin asta agus gan a fhios agam go rabhadar ag déanamh uisce fé thalamh orm i gcómhnaidhe: ag obair fé thóin im choinnibh. Ná bí ag caitheamh uisce ar fhranncach bháidhte: ag gabháil de dhuine nó de rud go mbíonn an iomad fachta aige. Ag caitheamh an uisce shalaigh is gnáthaighe leis do bheith: ag úirísliughadh dhaoine laistiar de: ag tromaidheacht ortha. Ní fiú deoch 'en uisce thu: ní fiú faic do thabhairt duit. Ní fiú deoch uisce na n-ubh thu: ní fiú faic in ao'chor. É ag caitheamh airgid ar nós an uisce: go rabairneach. Tá sé mar bheadh uisce is bainne ag an scéal: suaidhte, lag, trí chéile. Braon 'en uisce fhuar ní thabharfaidís duit: nílid fial. Gaibheann a chuid cainnte siar síos díom mar ghaibheann uisce de lachain: ní bhrathaim in ao'chor í. Scannruigheadh an fhuireann, bhí an bád ag déanamh uisce fúithi is tháirse: farraige ag teacht dá druim is tríthe aníos. An oiread lasta san luing go raibh sí faobhar leis an uisce: a gunail ar chóimhlibhéal leis. Ól an fíor-uisce, ná bac uisce na báistighe: uisce as thobar agus uisce ón spéir. Uisce do loch bheith ag tabhairt dighe dho is tigh tábhairne aige féin: rud gan aon deallramh. Doirt braon den uisce coiscricthe orm: uisce a bhíos beannuighthe ag an gcléir. "Agus de chruinniughadh na n-uiscidhe do ghoir Sé farraige" (Gen I. 10). Tá uisce i spéir na hoidhche anocht: báisteach sa scamallaibh. Ní mhairfidh éinne os chionn uisce anocht: ar an bhfarraige lé droichshín. "Agus giadh bhéaras cupán d'uisce fhuar amháin ré n-a ól do aon do na daoinibh beaga so n-ainm deisgiobail, deirmse ribh go fírinneach nách gcaillfidh sé a luaidheachd" (Matha X. 42). Chuadhas fé uisce ag triall air: chuadhas fé loch: lachas. Uisce bog-the: an fuacht imthighthe as. Uisce fliuchaigh: chaithfinn an t-uisce fliuchaigh air: loiscfinn é. Ní leigfead-sa dhuit aon uisce béil do dhéanamh díom: tarcuisne do thabhairt dom. Mar eala ar uisce: líomhtha, sciamhach. Tá uisce na scéalaidheachta déanta de pé rud atá ar an dteine: é fágtha ró-fhada: faillighe tugtha ann fé mar déanfaí dearmhad air éisteacht scéil iontsuime. Oidhche splanncacha is uisce: teine san aer is mórán báistighe. An bhfuil na bróga san (an díon, an chasóg, etc.) ag leigeant an uisce isteach?: ag tarrac báistighe, uisce, taisreachta. Sin casóg díon-uisce: ná leigeann báisteach tríthe. Táim idir dhá uisce lae Bhealtaine: in adhairc ghabhair: i ndraip. Tháinig gabhar-uisce lém shúilibh: iad ag sileadh leis an bhfuacht. Chuimleadh sop is uisce ar fad den bhfear mbocht: creachadh é: níor fágadh luid aige. Ní raibh agam ach mo phráitín do thumadh in uisce picealach: uisce is salann leachta air. Is maith í gloinne d'uisce beatha: beathuisce. "Bíonn beathuisce is fíon ag mo namhadaibh ar bórd": biotáille silte as eórnain, etc. Uisce ionnlatha cos: chun a nighte. Ní fiú uisce na gcos thu: aon faic in ao'chor. Bainne lé hiasc is uisce lé feóil: sin iad na deocha cearta. Cainnt chómh flúirseach le huisce aige: gan aon phioc dá ceal air.

An bhfuil do chuid uisce agat?: do mhún. Tháinig sé d'uisce: ar an uisce: farraige, loch nó abha. D'iarraidh thu do chur thar uisce táim-se: ag tabhairt cabhartha. Cuireadh gach éinne a bhó féin thar uisce: gach éinne i mbun a chúraim féin. Raghadh sé trí uisce is trí theine dhi: dhéanfadh sé aon rud ar a son. Níl annsan ach gad um uisce: ag tabhairt iarrachta aimidighe. D'imthigh a raibh aca leis an uisce: ina roithleach: gan tásc, gan tuairisc. Ní stad go huisce anois é: fuadar an domhain. Ní mhúchfadh uisce na úisce é: d'fhanfadh ag doghadh d'aindeóin a ndéanfaí leis. Caithfidh sí an t-uisce te ort má thagair in aon ghaobhar di: loiscfidh sé thu. Tá tinneas uisce ar an gcapall: tocht fuail. Galar uisce: duadh tinneasmhar ag mún. Uisce ar fad na prátaidhe: táid anfhliuch, sleamhain.

uiscealach: *f.1.* lacht tanuighthe laguighthe. Uiscealach té ná féadfadh éinne do bhlas: té an-lag: gan puinn den luibh air. Uiscealach leanna duibhe: leann dubh caol. Uiscealach bainne: bainne lé n-iomad uisce.

uisceamhail: *a.* lán d'uisce, go mianach an uisce. Spéir uisceamhail: bháistighe. Aimsir uisceamhail: go dtuiteann mórán báistighe. Talamh uisceamhail: fliuch.

uisceamhlacht: *b.3.* ar aiste bheith uisceamhail. Cuireann uisceamhlacht na haimsire ar mo shean-chnámhaibh: an oiread báistighe do bheith ann. Léimfeadh na prátaidhe as a gcroiceann lé n-a n-uisceamhlacht: sleamhaine: fliche. Uisceamhlacht an cheanntair seo an namhaid is mó ges na barraidhibh: an tsíor-fhliche.

uiscighim: *b.a.* cuirim, scaoilim uisce ar; taisrighim; fliuchaim. Uiscigheadh an talamh ón sruthán: scaoileadh uisce air. Uisceóchaidh an oidhche anocht: fliuchfaidh. D'uiscigh sé fé: mhún sé sa leabaidh.

uiseacht: *b.3.* bheith pras, éascaidheacht, oireamhnaidheacht, óighréir. A uiseacht agus táim chun ruda do dhéanamh don nduine sin is gan aon bhuidheachas aige orm: a éascaidheacht. A uiseacht chun troda agus tá sé: ullamh, réidh, gan uaidh ach an focal.

uisinn: *b.5.* (**uise**) ara, an lag ar gach taobh den gceann idir an t-éadan is an chluas. Tá tinneas im uiseannaibh. Tá bualadh im uiseannaibh. Bualadh m'uiseann. Buaileadh san uisinn é: áit a ghoilleann ar dhuine.

ulaidh: *b.2.* clochán roilige ó aimsir na págántachta.

ulcha: *b.5.* féasóg. Rug sí ar ulchain air is thairring ina diaidh sa lathaigh é: ghreamuigh ar stoith féasóige é.

ulfairt: *b.2.* glór garbh-ghuthach. Chuir an madra ulfairt as: an bhéic a dhéineann sé nuair buailtear é. Leig sé fiche míle ulfairt orm i rith an lae: béiceach mhíoshásta, mhíchéadfadhach.

ullmhacht: (**ullamhacht, ullumhacht**) *b.3.* ar aiste bheith ullamh, réidh, fonnmhar, socair. Bhí gach aon rud in ullmhacht againn, is budh mhór an díombáidh nár thángabhair: ullamh in bhur gcóir. Nuair ná bíodh an cíos in ullmhacht aca amch leó ag

an dtighearna talmhan: ullamh lé síneadh chuige. Sin an phíp in ullmhacht agat chun gal do bhaint aiste: ullamh, réidh. Gach aon rud in ullmhacht aige: iomlán: críochnuighthe, réidh d'aon bhroid.

ullmhughadh: (**ullamhughadh, ullumhughadh**) *f.* (*-uighthe*) cóiriughadh, tiargáil, búrdáil. Ag ullmhughadh an chorpáin: ghá thonnachadh etc. chun a chur ar an gclár. Ghom ullmhughadh féin chun bóthair: ghom chóiriughadh féin: ghom ghléasadh, ag cur gach aon ruda a theastóchadh uaim i gcrích. Ag ullmhughadh an bhídh: ghá chóiriughadh chun a ithte. An sagart ghá ullmhughadh chun báis: ag cur na holna air. "An feadh do bhí an áirc dhá hullmhughadh" (1. Peadar III. 20): an fhaid a bhítheas ghá tógaint. Thugadh an máighistir ullmhughadh dhúinn leis an mbata aon uair ná bíodh ár gceachtanna saothruighthe againn: smísteáil. Thug a mháthair ullmhughadh dho toisc an fhuinneóg do bhriseadh: thug sí búrdáil nó bualadh dho. Thar éis gach ullmhuighthe dob é an fear céadna é: níor bh'aon mhaitheas bheith d'iarraidh smachta do chur air.

ullmhuighim: (**ullamhuighim, ullumhuighim**) *b.a.* cóirighim, feistighim, gléasaim. D'ullmhuigh an sagart chun báis me, bhíos chómh dona san: chuir sé an ola orm. Ullmhuigh thu féin go pras, táthar chughat: cuir thu féin i dtreóir. Cé ullmhóchaidh an phroinn?: a bhruithfidh í. Ullmhóchaidh an deoch leis sa deireadh mara dtréigeann sé í: cuirfidh sí deireadh leis: beidh a bhás uirthi. D'ullmhuigh an obair chruaidh leis: d'fhág sí rian nó cimiar air. D'ullmhuigh sé ó thalamh mé sa doircheacht gan choinne leis: bhúrdail: smísteáil. D'ullmhuigheadar lé n-a raibh d'arán sa tigh: d'itheadar é. D'ullmhuigh sé í: d'fháisg sé í. D'ullmhuigh sé adhmad na trucallach: shocruigh sé gach máille dhe lé n-a gcur lé chéile 'n-a n-ionad cheart. Ullmhuigheadh an tigh i gcóir na cóisire: socruigheadh: feistigheadh.

ullmhuighthe: (**ullamhuighthe, ullumhuighthe**) *a.r.* cóirighthe, réidh, feistighthe, socruighthe, curtha i dtreó, críochnuighthe, buailte, búrdálta. Beir ullmhuighthe ge t'athair nuair gheóbhaidh sé greim ort: "marbhóchaidh" sé thu. Tá sé ullmhuighthe ar a dtoil anois aca: buailte. Táim ullmhuighthe chun bóthair, seo linn: réidh. Ullmhuighthe chun báis: gnása na heaglaise fachta aige. Leathscéal maith i gcómhnaidhe aca ná bíd ullmhuighthe: cóirighthe, feistighthe lé haghaidh etc. Suidhidh chun búird, tá an phroinn ullmhuighthe: réidh lé n-a hitheadh. An bhfuil an obair ullmhuighthe?: críochnuighthe. Tá ullmhuighthe leis an arán ar fad aca: ithte, ídighthe. Is baoghalach go bhfuil ullmhuighthe leis anois: go bhfuil an bás aige.

um: *r.fh.* tímcheall, mórdtímcheall, mar gheall ar. Cuir umat: gléas tu féin. Chuireas mo chloidheamh umam: ghléasas orm é. Um Cháisc, Nodlaig, Shamhain, Bhealtaine, Inid, etc.: ar na tráthaibh sin. Sé uair éirigheann an scraiste um eadarshuth bó: ar an am san. Um an dtaca so anuiridh dob eadh é chómh maith agus is cuimhin liom: tímcheall an trátha so den mbliadhain. Cé bhí ag cainnt go holc úmpa?: ag tromaidheacht ortha. Gan luid aige lé cur uimis (uime): ar a chnámhaibh. Cad uime go mbeadh eagla ort?: cad mar gheall air?: cé hé nó cad é a chuirfeadh eagla ort? D'eitigh sé me um beagáin: ar son. Cad uime go bhfuilir ag fágaint?: cad mar gheall air? Daoine dona um an mbiadh seadh iad: fén mbiadh: gortach. Ná bain um an té ná baineann leat: ná bac thart é. Cumá go bhfuilir ag cainnt?: cad chuige? Um an duine úd ná maireann cad tá lé n-innsint agat?: ina thaobh.

Dá mbeadh aon airgead umam ní leigfinn follamh é, creid me leis: dá mbeadh sé ar iomchar agam. Bím bodhar aige um a thréithe: an moladh a bhíonn aige as féin. Um nóin suidhidís síos i bhfeighil sosa: i lár an lae.

umhail: *b.2.* aire, áird, eolas, aithne. Cuirfead-sa in umhail (iúil) do an saghas duine atá ionam mara stadann sé dá chuid feádhaireachta: ina luighe air é. Níl áird ná umhail aige ar aon rud a deirtear leis: aon tor. Sé an rud a chuir in umhail dom ná raibh éinne agaibh éirighthe gan aon deatach do bheith sa tigh agaibh: a chuir i dtuigsint. Cuir tú féin in umhail, ná bí balbh: labhair go gcloistear thu: cuir iachall ortha tu do thabhairt fé ndeara. Cad fáth nár chuiris in umhail cér bh'é tu: a thabhairt lé rádh: a innsint. Cuirfidh an buachaill sin in umhail é féin fós: déanfaidh sé gníomhartha maithe.

umhal: *a.* so-ghluaiste, géilleamhail, óighréireach, toilteanach, stríocach, féicheamhanta, fial, flaitheamhail, íseal, neamhthóirtéiseach. Asal umhal: nách deacair do chur ar siubhal. Buachaill umhal: féicheamhanta: toilteanach rud do dhéanamh do dhuine, cómhairle do ghlacadh etc. Budh cheart – tá sé ceangailte ar – do gach leanbh do bheith umhal dá mhuinntir: onóir is urraim do thabhairt. Duine eas-umhal, cad é an mhaith bheith ghá chómhairleach: ná déanfadh rud ar neach. Ná féach chómh hath-umhalta san orm, níl cúis ná adhbhar agat orm-sa: daibhceach: neamh-mín. Ní deacair an capall umhal do sporadh: is furaiste siubhal do bhaint as an gcapall féicheamhanta. Is umhal stiall de leathar dhuine eile: tugtar go rabairneach de chuid an duine thall. Is umhal do raghadh sé ann, dá bhfaigheadh sé an cuireadh mar bhí sé ar sciobaidh chuige: mear: pras. Is umhal éascaidh droichsheirbhís i dtigh duine eile: toilteanach: féicheamhanta. Ní fheadar céaca agaibh dob uamhaile fé n-a bhuile: is mó go raibh fonn air duine do bhualadh. Nílir ró-umhal fen mbiadh, ní hag fagháil aon lochta ort é: fial. Bímíd go léir umhal fé chuid an duine thall: ní misde linn smut de do thabhairt uainn má bhíonn an roinnt ar ár láimh. Nílid ró-umhal ag díol a bhfiacha liom: táid leasc, righin. "Coinneóchaidh onóir suas an duine umhal i spioraid" (Seanráidhte XXIX. 23): a bhíos mín, tais, neamh-mhórdhálach, féicheamhanta. Bí umhal id chroidhe is beidh grádh Dé agat: cneasta: gan móiréis.

umhal-urraim: *b.5.* mór-mheas, ómós, mór-áird. Tugann gach nduine sa cheanntar umhal-urraim do mar tá cion a gcroidhe aca air: bíonn meas aca air agus tugaid ómós do. Lé humhal-urraim do tugadh an suidheachán budh thábhachtaighe sa tigh di: lé gradam mór-mheastamhail.

umhla: *b.4.* géilleadh, óighréir, sléachtaint. Dhein sé umhla os chómhair na haltóra: shléacht sé go hómósamhail. Bhain sé lé béasaibh againn umhla den bhfíor-uaisleacht: foillse go raibh meas againn uirthi. Ní mór an umhla gheóbhaidh sé annso: an géilleadh: ní beifear báidheamhail leis ná ní theasbáinfear mórán measa dho. Dualgas gach éinne umhla do thabhairt do Dhia: géilleadh is ómós. Trí an-umhla ár sinnsear ruaigeadh as gháirdín Pharrathais iad: gan bheith ghéilleamhail dá aithne.

umhlaidheacht: *b.3.* óighréire, sléachtaint, ísleacht. Ní seirbhe an múnlach 'ná an umhlaidheacht ar iarraidh: níl aon rud is mó ghoinfeadh duine 'ná bheith ag sléachtaint don té ná bíonn ar a lorg: duine is a haitín ina dhorn dos gach éinne aige. Trí eas-umhlaidheacht ar ár sinnsear ruaigeadh iad: gan aithne Dé do chóimhlíonadh. An

umhlaidheacht a bhí ar ár sinnsear do thabhairt dos na Tighearnaidhibh Talmhan b'uathbhásach ar fad é: géilleadh dá mianaibh.

umhlóid: *b.2.* géilleadh, óighréir, meas, deaghthoil; úirísle, éascaidheacht, tugthacht. Ghnidheann gach nduine umhlóid do ar an sráid: beannuighid do, foillsighid a meas do. Ní raibh aon umhlóid san gclár fém chois: ní lúbfadh sé ionga. Lé n-a umhlóid dhéanfadh sé aon rud duit: éascaidheacht: fonnmhaireacht. Tá sé in umhlóid an bháis: duais an bháis air. Ná beadh umhlóid agat dod mháthair: ná déanfá rud uirthi. Fuaireas lé humhlóid uaidh é go deimhin, agus dá mbeadh rud is fearr ná é aige: deaghthoil.

umhlóideach: *a.* cneasta, íseal, umhalta, meastamhail, ómósach. Caith amach do chárta go humhlóideach is ná déin uaithbhéal de: go mín, gan fothrom cainnte ná tránas. Ní raibh buachaill riamh agam dob umhlóidighe ná é níor labhras focal riamh leis: budh fhéicheamhanta: budh éascaidhe chun a chod oibre. Chuaidh sé chun comaoine go humhlóideach: go diadhanta, meastamhail: úiríseal.

umhlóideacht: In umhlóideacht chroidhe téigheann sé ar a ghlúinibh chun Dé: go cneasta, géilleamhail.

únsa: *f.4.* an séamhadh cuid déag de phúnt meádhachana, etc. Is fearr únsa aire 'ná púnt leighis: i dtosach na haicíde is fusa í leigheas.

umhlughadh: *f.* (*-uighthe*) do ghéilleadh, shléachtaint, bheannughadh. Is dóigh leis gur ceart dos gach éinne bheith ag umhlughadh dho: ag sléachtaint do: é bheith fé n-a réir. Nílid ag umhlughadh don obair: ag claoidheachtaint. Bhuail sé tharainn gan oiread agus umhlughadh dhúinn: beannughadh. Theastuigh an méid sin umhluighthe uatha go maith, bhí a gceann ró-árd ar fad: an méid sin céim síos do thabhairt dóibh. Ag umhlughadh síos go talamh duit lé meas ort: ag sléachtaint chun mo ghradaim duit d'fhoillsiughadh. Ní déarfainn ná go bhfuil umhlughadh chun breibe ann: ná go nglacfadh sé í. Na crainn ag umhlughadh don sagart dom: ag feacadh mo ghlún nó ag sléachtaint mo hata le hurraim. Thug sé a lán cainnte uaidh d'iarraidh me d'umhlughadh, ach chuireas-sa siar air í: náiriughadh: bheith ag breith ionga anuas.

umhluighim: *b.a.* íslighim, beannuighim, sléachtaim do, feacaim, cromaim, tugaim onóir do. Umhluigh tu féin, a dhuine, ná bí ceann-árd: ísligh do mheanma. Umhlóchair fós: tá meas mór fút ach maolóchair. Umhluighim breaba do ghlacadh: géillim, cromaim. D'umhluigheas di ar ghabháil tharm di: shléachtais mo hata. Ní umhlóchadh éinne anois do: ní bheannóchadh: ní bhaineadh a mbairéad lé gradam do. Tá an ceart ar fad agat, umhluighim duit: géillim. D'umhlóchainn aon lá dá leithéid: bhainfinn mo bhairéad díom do lé meas air. Umhlóchaidh an saoghal is an aimsir fós é: maolóchaidh: bainfid an réim de. Umhluigheann na crainn lé méid a dtortha: cromaid.

úna: *b.4.* ainm mná. "Galar úna ort", lé duine corrthónach nó fiosrach. Galar úna, cúram gan chion ort: ná raibh éinne buidheach díot.

úncailín: *f.4.* úncail mar thugann leanbhaidhe air. Fuaireas scilling ó úncailín. Úncailín an fear chun loirgthe air: bítear ag brath air.

úndar: *f.1.* rath, séan, tochar. Nár chuiridh Dia an t-ádh ná an t-úndar air: gan pioc den righe ná den rath do bheith air.

úndrach: *a.* borrach, mío-mhúinte, teallaireamhail, tighearnamhail. Is úndrach, leitheadach an spreallaire fir é: dána, tóirtéiseach. Is úndrach a thagann sé treasna ar dhuine, ní leigfeadh sé focal as do bhéal: teallaireamhail: mí-bhéasach.

úndracht: *b.3.* borrachas, teallaireacht, táthaireacht, tighearnamhlacht. Lé húndracht an duine ní leigeann sé aon scéal tharais: mío-mhúineadh. Ní fhéadfadh san a bhéal do chongbháil iadhta, cá ngeobhadh an úndracht?: teallaireacht: táthaireacht: mí-bhéas chun teacht treasna ar dhuine.

úndúir: *f.3.* eólgaiseach, sean-phréamh, duine den tír is den áit, duine fuaimeantamhail. D'aithnigheas ar an gclódh is ar an éadach a bhí ar an sráid air gur dhuine des na sean-úndúiridhibh é: duine a eascar ón sean-dream dílis. Níl aon úndúir ceart ar sheanchas annso ach é: úghdar: duine lé fuaimeant. Nách diail an t-úndúir tusa 'e bhreis ar éinne eile: duine go bhfuil breis eolais aige. Fág fén úndúir an chúrsa: fén té seo gurb eól do. Budh mhaith iad na sean-úndúiridhe: an sean-dream.

úndúireacht: *b.3.* fuaimeantamhlacht, socracht, aireachas, deismireacht. Tá an úindúireacht ann agus tugann sé uaidh í, is beag rud a théigheas de: an fhuaimeant chun ruda do dhéanamh is do thuigsint. Lé húndúireacht cheart a dhein sé é: dhéanfadh éinne eile é do lat: aireachas is gliocas. Tá úndúireacht an diabhail bhuidhe air leis an ndoras san, lat leidhbe aige air: deismireacht: scrúdughadh is gabháil de.

úr: *f.1.* taisireacht, an íle a bhíos in olainn; saill. Is mór an t-úr atá sa spéir, níl aon tiormach ag dul ar an léis: taisreacht, níl tuighe an arbhair ag tiormughadh. Tá an t-éadach crapaithe, níl an t-úr imthighthe fós as: an taisreacht. Níl rogha ag muc go n-úr: muc is a cuid saille níl aon teóra léi. Ag baint úir as an abhras: ag baint na híle as.

úr: *a.* nuadh, gan dochar aimsire ná úsáide, gan guirteamas; uasal, beódha, bláthmhar, fial, maoth. Iasc, feóil úr: ná bíonn i bhfad marbh. Aghaidh úr, ghlan: ná beadh suaidhte ag cúram an tsaoghail. Na páirceanna úra: glasa. Ná cuir ort an t-éadach, tá sé úr fós: níl sé tirim a dhóthain. Is úr gach brobh go Nodlaig: bíonn gach aon rud glas: is annsan do thosnuigheann an geimhreadh. Bean úr fé n-a cuid í: í do bheith soi-ionnsaidhthe. Táid an-úr fén mbiadh: fial chun a thabhartha uatha.

úr-: *i gcfbh.* nuadh, uasal, bláthmhar, gan bheith guirt, stálaithe ná feoidhte. An t-úr-bhláth ar na crannaibh: go buacach fé bhláth. Budh bhreágh leat an fheóil seo, tá úr-bhlas uirthi: í go so-bhlasta. Duine úr-chroidheach seadh é, thabharfadh sé aon rud duit: fial, flaitheamhail. Úrleathar: leathar bog, buidhe. Geóbhair úr-lón uaim: cabhair is cóngamh. Iasc úr-shaillte (úraoilte): gan acht blas an tsalainn. Is í úr-scoth ár gcineadh í: an bhean is

breághtha ortha. Bhídís do shíor in úr-thosach an chogaidh: i bhfíor-thosach. Ainmhidhe úr-ghránda a scannróchadh thu féachaint air: gráineamhail amach is amach.

úrach: *a.* bog-chréidheach. Talamh úrach: cré throm, thais ann.

úirceas: *f.1.* an mian ceart. Éireannach den úirceas cheart: fíor-Éireannach. D'úirceas na ndrochbhuachaillidhe seadh é: de shíol nách maith.

úramh: *f.1.* biadh, lón, cóngamh, déanamh. Táim chómh maith lém úramh: chómh maith agus d'fhéadfainn do bheith ar an ndéanamh atá agam dhá fhagháil: is leór dom mar táim. Fuaireas droch-úramh uatha: ní rabhadar lághach ná cneasta liom. Biadh gan úramh: gan scabhárd. Droch-úramh riamh a chion: dígh bídh, éadaigh is beatha.

úramhail: *a.* go sughlach, suiméarach. Ubhla úramhla: friseáilte: nuadhbhainte. Talamh úramhail féarmhar: go mbíonn cré bhog, thais ann.

úraoibhinn: *a.* an-aoibhinn. Áit úraoibhinn, chaithfeadh duine a shaoghal beatha ann.

urchall: *f.1.* ceangal ar dhá chois tosaigh ainmhidhe, cuibhreach; cosc, toirmeasc. Níl aon urchall annso ort, imthigh nuair is mian leat: níl éinne ghod choimeád annso. Mara mbeadh urchall bheith fúm-sa dhéanfainn rud éigin duit: cosc: toirmeasc: rud éigin ná leigfeadh dom mo thoil do dhéanamh.

urchar: *f.1.* crústa, piléar, an t-adhbhar a cuirtear i ngunna chun a chaithte; caitheamh; iarracht. B'olc an t-urchar uait é: theip ort an rud a bhí uait do bhualadh. Urchar gunna a bhuail me: piléar. Níl annsan ach urchar ar amhras: tuairm gan aon deimhniughadh. Tabhair urchar eile fé, b'fhéidir go n-éireóchaidh leat an turas so: iarracht eile: tástáil airís. Béas gránda ar mheithil ná in aon áit eile do bheith ag caitheamh urchar: rudaidhe mar clocha, scraithínidhe: an rud is túisce chun láimhe. Níl a thigh ach urchar méaraighe ón áit go gcómhnuighim-se: in aon athchomaireacht dom. Mharbhóchadh urchar iomraill duine chómh maith díreach lé hurchar a caithfí leat: ceann a bheadh ag dul amudha. Urchar an daill fán abhainn (dabhaich) dhom é siúd do dhéanamh: urchar ná raibh aon chaidhmse leis. Tháinig sé orm d'urchar agus is asam do bhain sé an phreab: gan aon choinne agam leis: obann. B'é an t-urchar déidheannach liom scaramhaint leis an bpúnt is gan agam ach é: budh rí-dheacair liom é: dém aindeóin é. D'urchar nimhe léim sé sa drom orm: d'iarracht fhíochmhar. Urchar ges gach éinne orm: gach nduine im choinnibh. Is maith cruinn an t-urchar a bhí aige: ní mór ná go mbuailfeadh sé an rud a chaidhmseóchadh sé. "An Bogha bhí ag Murchad an urchair mhóir i gCath Chluain Tairbh ag treascairt na dtréan": an caitheamh go raibh an fuinneamh 'san marbhadh ann. Budh mhaith an t-urchar é sin, níor fhágais cárta ar an mbórd gan sciobadh: caitheamh. Bhíodar sa chainnt dóibh ag tabhairt urchar fá chéile: péaca: ag tabhairt súnc: ag spochaireacht chun achrainn. Sin é urchar a thugas: an iarracht ar rud éigin do shroichstint nó do ghnóthughadh. Chaitheas faid m'urchair uaim é: an fhaid dob fhéidir liom.

urchóid: *b.2.* mailís, droch-aigne, díoghbháil, iomard, bascadh. Sin iad na leanbhaidhe gan urchóid do thógais: ná raibh aon drochsmaoineamh ina n-aigne. Dheinis urchóid chnuic dom: díoghbháil mhór. Níl aon urchóid agam d'éinne beó: deigh-mhéin agam do gach nduine. Níl san ag déanamh aon urchóide dhuit: aon díoghbháil. Bhí an urchóid ina chroidhe aige dhom i gcómhnaidhe is ní raibh uaidh ach an chao d'fhagháil orm: mío-rún. Déanfaidh an biadh san urchóid duit, tá sé ró-láidir duit is do ghoile lag: bascadh: díoghbháil. An croidhe nár smaoinigh urchóid riamh: olc ná díomas d'éinne mhaireas. Raghaidh an nidh sin – níor cheart duit é déanamh - in urchóid duit: raghaidh sé chun do mhío-thairbhe. Go gcuiridh Dia urchóididhe na bliadhna uaibh: nár leigidh sé d'aon olc tuiteam oraibh.

urchóideach: *a.* olc, droch-aigeanta, díomasach, claon; díoghbhálach. Níl aon amhras ná go bhfuil an chos so agam go hurchóideach, is baoghalach ná beidh aon mhaith go deó innte: an-thinn agus drochfhuadar fúithi. Nách urchóideach an aigne atá aige nár bh'fhearr leis do bheatha ná do bhás: olc: claon. Biadh urchóideach é sin do dhuine lag: díoghbhálach. Is urchóideach duit bheith ag ól an iomad: leanfaidh buadhairt é. Duine urchóideach seadh thu bheith id chuideachtain: is beithte go dtárlóchadh rud éigin do dhuine a bheadh id chosaibh.

urchóideacht: *b.3.* díoghbháil, droch-aigeantacht, mío-rúnaidheacht, clampaireacht. Níor thárlaidh sé in aon áit riamh, mac na gcros, ná go mbeadh an urchóideacht ina dhiaidh: clampar: buaidhreamh. Do shíor ag smaoineamh díoghbhála duine éigin, tá an urchóideacht ceangailte isteach ina chroidhe: an claon lé buaidhreamh do dhéanamh.

úrdha: *a. n-dh.* glas, úr, buachach. Scéimh úrdha na talmhan a chuirfeadh taithneamh ar do chroidhe féachaint uirthi.

urdhálta: *a. n-dh.* sonnradhach, áirighthe, curtha ar leithrigh; coinne, an céadna, cuspóir, ionad áirighthe, tréith chinnte. Chuala ó dhuine urdhálta é nách féidir liom d'aithris: duine d'áirighthe. An t-urdhálta a bhí agam do, ní dheaghaidh sé i gcrích: an choinne. Deirir go bhfuilir dealbh, tá a urdhálta agam-sa: an céadna: mise leat.

urdhubh: *a.* an-dhubh; dorcha, doiléir. Thuit an oidhche urdhubh orainn sar ar fhéadamair fágaint. Bhí an áit chómh hurdhubh lé tóin an phúca: dall, dubh, dorcha. An cneas urdhubh atá air: smeartha, neamhgheal.

urfhógra: *f.4.* an fógra deireannach, fógairt choitcheann nó ceannais. Urfhógra ón riaghaltas lá saoire do dhéanamh de: fógra poiblidhe curtha chun na ndaoine. Táim ag tabhairt an urfhógra dhuit anois, má bhíonn sé den ndiabhal ort a thuilleadh buaidhrimh do chur orm go mbéarfad chun na dlighe thu: an rabhadh deireannach.

úrgháirdeach: *a.* lán-áthastamhail, subháilceach, bródmhar. Chaitheamair seal úrgháirdeach i bhfochair a chéile os chionn ár mbraoin dighe ag eachtraighe dhá chéile: subháilceach, áthastamhail. An tráthnóna fuair an parróiste scéala gur bhuaidh a bhfuireann b'é b'úrgháirdighe dár chuimhin lé héinne, ní dheaghaidh éinne in aon tigh a

chodladh go maidean ach ag damhas ’sag amhrán: budh mhó bród agus áthas. Is beag ná bíonn úrgháirdeach i ndiaidh an bhraoinín ar dhul fén bhfiacail aca: súgach, meidhreach.

úrgháirdeachas: *f.1.* áthas, aoibhneas, lúthgháir, traoslughadh. Oidhche mo bhainise budh mhór an t-úrgháirdeachas a bhí ar an gcóisir uile liom ag crothadh lámh liom, ag deagh-ghuidheachtaint liom, is ghom mhóradh: lúthgháir im thaobh. Bhí a ghaolta go léir ag úrgháirdeachas leis nuair thuit suim mhór airgid air: gach duine aca ghá mholadh is ghá mhóradh.

úrgháirdighim: *b.a. 7 n-a.* cuirim aoibhneas ar, meidhrighim; ciorrbhaim an aimsir. Is duairc an croidhe ná húrgháirdigheann uair éigin: ná déineann meidhreachas do féin nó ná braitheann meidhreach. D’úrgháirdeóchadh sé an croidhe agat bheith ag éisteacht lé n-a chuid scéalta: chuirfeadh aoibhneas air. Úrgháirdigheann an craolachán an aimsir do dhuine: ní bhraitheann chómh fada í bheith ag éisteacht leis.

úrgháirdiughadh: *f.* (*-uighthe*) do chur aoibhneasa ar, mór-bhród, áthas. Úrgháirdiughadh ár meanman bheith ag éisteacht lé n-a úrlabhra bhinn: áthas aigne orainn binne a chainnte. Beidh úrgháirdiughadh ar fuaid an domhain uile an lá bheidh deireadh leis an gcogadh fuilteach so: áthas is subháilceas ar chroidhthibh na ndaoine.

úrghráin: *b.2.* gráin mhairbh, fuath ceart, déistean. Bíonn an úrghráin ag Dia ar an bpeaca: fuath aige dho. Tá an úrghráin agam air ón lá chonnac ag eiteach duine bhoicht é: déistean agam do: mí-ghean. Tagann an úrghráin aice ar fear meisce, theichfeadh sí na céadta míle uaidh: bíonn col déisteanach aice leis.

úrla: *b.5.* loca gruaige, stuaic, folt fada, búndalach. Beir ar an uain ar úrla: déin rud a luaithe in Éirinn is gheibhir cao air, ná fág chun deiridh é. Úrlaidhe fionna siar síos léi: folt fada, tríllseach. Táim ar úrla aige: táim i ngreim aige agus ní fhéadfainn me féin d’fhuascailt uaidh. Stracfadh sí léi ar úrla me, bhí an oiread san buile uirthe: ar mhullach cinn ina diaidh. Bearr an úrla!: an stoith atá ró-fhada. Ag pógadh, a béal, a húrla ’sa héadan lé cion ar a leanbh. Ag cuimilt a bhaise dá phlaitín mar bheadh dá úrla dá mbeadh air: dá fholt. “Is glas mo shúil, tá m’úrla scáinneach bachallach búclach cúplach fáinneach”: folt buacach.

úrlabharthach: *a.* inscnéadhach, líomhtha, óráideamhail. Is iomdha cainnteóir maith do chuala, ach is annamh aighneastóir úrlabharthach mar é, sheasuigheadh gach aon fhocal meala uaidh: líomhtha, binnbhriathrach.

úrlabhra: *b.4.* cainnt, feart cainnte, inscné, deagh-labhairt, óráideacht. Ón dtreascairt do baineadh as tá sé gan aithne gan úrlabhra ó shoin: gan focal den gcainnt as. Labhras san úrlabhra dob fheárr dá raibh agam: ar an gcuma budh líomhtha d’fhéadfainn: thugas an iarracht dob fhearr ionam ar me féin do chur in iúil. Níl an focal san in úrlabhra an cheanntair seo: i gcainnt dhaoine na háite. Thug sé droch-mhúineadh, ach scaoileas tharm é gan a úrlabhra féin do thabhairt do: cainnt dhroch-mhúinte. Caithfead géilleadh dhuit, is fíor é t-úrlabhra: an rud atá agat dhá rádh nó dhá áiteamh.

úrlaidhe: *f.4.* duine a bhuaileas is a cheapas lé hord; smísteálaidhe. Úrlaidhe maith ceárdchan: fear maith ar órd.

úrlaidheacht: *b.3.* bualadh lé hórd; tuargaint. Fear an chapaill ag úrlaidheacht don ngabha: ag bualadh an iarainn, dá liocughadh faid bhíos an gabha féin ghá chúmadh lé n-a cheap-órd. Ar an úrlaidheacht a bhí aca i lár an bhóthair budh dheacair a dhéanamh amach céaca b'fhearr: sáthadh is brughadh is tarrac. Is mairg do bheadh thíos den gcéad úrlaidheacht: den gcéad tuargaint. Lá dian lá úrlaidheachta. Úrlaidheacht ar úrlaidheacht acht b'shin í an úrlaidheacht go raibh deallramh uirthi: stiall ar stiall. Is ins an Rúis atá an úrlaidheacht anois aca: an gleódh catha.

úrlámh: *b.2.* an lámh uachtair, ceannas, coimeád, sealbhas, cómhacht. A bhfuil im úrláimh is óm athair do fuaireas é, d'fhág sé agam lé hudhacht é: im sheilbh: im fhoillse. Úrlámh choitcheann atá aca ar an dtalamh: chóimhshealbh: cuibhreann is cárn. Tugadh in úrláimh na ngárdaidhe é: tugadh ina gcoimeád é. Níl aon úrlámh agam air: buannacht ná coimeád.

úrlámhas: *f.1.* ughdarás, tighearnas, buannacht, sealbhas. Ghaibh sé úrlámhas ar an ndúthaigh tímcheall ar fad: tighearnas. Bhí sé fé n-a smacht aige. Dar leis, gur cheart úrlámhas do bheith aige aon áit ina mbeadh sé: a bheith ina cheap: gach éinne do bheith dá réir. Níl aon úrlámhas agam, agus mar sin ní fiú tráithnín an rud adéarfainn: aon chómhacht; ceannas.

úrlár: (**urlár**) *f.1.* tón, uachtar, an chuid de sheómra go seasóchadh duine air; tigh, baile. Na daoine atá ar an úrlár agat is bun leis seo ar fad: atá i leith an tighe agat. Chuadar ag iomrascáil lé chéile ach níor thug éinne an t-úrlár don nduine eile: níor threascair é. Táir-se ag cainnt tamall maith anois, tabhair an t-úrlár domh-sa tamall: leig dom-sa labhairt. Caithfidh an t-úrlár do bheith agat-sa i gcómhnaidhe: caithfir bheith ag cur asat. Toisc an leinbh do bheith lag tugadh baiste úrláir air: bhaist tuata é. An tigh lán ó úrlár go frigh: gan a thuilleadh slighe ann. Thíos ar úrlár na mara d'fhanann an t-iasc so, ní ráthuigheann sé: ar a tóin. Slab úrlár na habhann: tón. Biadh is deoch ag imtheacht fén úrlár ann: é ann go flúirseach.

úrlárach: *a.* go n-úrláraibh. Sé an tigh úrlárach é, b'fhiú dhuit féachaint air: go bhfuil mórán d'úrláraibh breághtha ann. Úrlárach duine atá ann ní fheicfeá sa bhaile mhór choidhche é: duine cois teineadh.

úrmhaire: *b.4.* (**úire**) friseáilteacht, fionnfhuaire, taisreacht. Ní dhóghadh an mhóin lé n-a húrmhaire: an iomad taisreachta do bheith innte. Is breágh úrmhaire an leóithne sa teas mhór: fionnfhuaire. Úrmhaire d'órduigh an dochtúir do: biadhanna úra: gan bac lé salainn.

úrmhar: *a.* friseáilte, nuadh, fionnfhuarach. Lá breágh úrmhar ón bhfarraige: fionnfhuar. Gach aon rud ag fás go húrmhar, cá bhfuil ár ngearán?: go buacach, bláthmhar.

úrnaighe: (**urnaighe**) *b.4.* do ghuidheachtaint, paidear, athchuinghe. "Úrnaighthe múineadh im leanbh dom/ ar dhúiseacht lé dúthracht ar ghairm an éin/ mo ghlúin deas do leigean fúm is bheith ag athchuirt chun Dé/ ar an Rí d'fhuilng sciúirse is peannaid 'n-ár dtaobh": paidreacha. Tosach na guidhe do bhéal na húrnaighe: an té a thugas mallacht gurb ar féin a thuitfidh sí. Úrnaighe intinne: iad so deintear san gcroidhe agus ins an aigne. Téighir ar t'úrnaighidhibh: guidh chun Dé ar do ghlúinibh. Ní maith agus ní rómhaith an úrnaighe thugas-sa dho ag imtheacht do: ní hé "slán bóthar" a bhí im aigne agam do.

úrnaighim: (**urnaighim**) *b.a.* guidhim, athchuinighim. D'úrnaigheas do, bhí an oiread san uilc orm, gan an lá do bhreith ina bheathaidh air: sin mar ghuidheas. Go n-éirighidh leat, agus sin é úrnaighe duit: atá im chroidhe dhuit.

úrnaightheach: (**urnaightheach**) *a.* tugtha d'úrnaighe, athchuinghtheach. Bean an-úrnaightheach í, caitheann sí furmhór a haimsire sa tsáipéal: tugtha do phaidreachaibh.

urnocht: *a.* nochtuighthe, lom as brollach. Urnocht do chonnac thu: gan luid ort.

urra: *f.4.* taca, duine a cheanglas air féin cóimhlíonadh geallamhna dhuine eile; teanntaidhe, cosantóir, taoiseach; duine seasamhach; slánaidheacht; tacaidheacht; coraidheacht, bannaidhe; nascaireacht; neart, cumas, cómhacht. Ní raghainn in urra air, ní maith é a chlódh: ní raghainn fé go mairfeadh sé. Bhíos ag cuimhneamh ar airgead do thógaint sa bhannc, an raghfá in urra orm: i mbannaidhe: an dtabharfá do thacaidheacht go ndíolfainn as agus muna ndéininn go ndéanfá-sa? Raghainn in urra saoghail fada air: dhearbhóchainn dréir mo thuairme go mairfeadh i bhfad. Raghad in urra ar an gcapall: raghad fé go bhfuil sé slán folláin oireamhnach dá chúram, agus má gheibhtear aon éasc ann go mbead admhálach ann. Ní raibh urra sa dúthaigh ná raibh ag taobhughadh leis: éinne gur bh'fiú aonnidh é: duine gustalach. Urra cách ar a láimh: budh cheart dos gach éinne bheith admhálach freagrach ina ghníomharthaibh. Dia urra ár leighis: an té gur féidir leis sinn do leigheas. Urra cách go foghail: taoiseach, ceannródaidhe gach éinne againn, fear iongtach go dtí go mbíonn tástáil orainn. Séamas urra mo mholta: is féidir liom bheith ag brath air chuige sin. Obair gan urra déanta dob eadh í seo tamall, toisc mo shláinte: ní raibh aon deimhniughadh go gcríochnóchainn í. Brian ceann-urra na sluagh: an té a bhí ghá gceapadh is ghá dtreórughadh chun catha, etc. Urra d'urraidhibh na Mumhan an Gearaltach: taoiseach. Níl urra leinbh ó airéir ann: neart. Ní maith an t-urra atá agat bheith ag brath air, sé an maide lobhtha é: an taca.

urradhas: *f.1.* slánaidheacht, coraidheacht, tacaidheacht. Ní raghainn in urradhas pingne air: níl aon mheas agam air. Ní raghadh éinne in urradhas sa bhannc air: i mbannaidhe: ní raghadh sé don mbannc go ndíolfadh sé an iasacht má theipfeadh ar an iarrathóir. Bhris ceannachán agus urradhaistidhe as thigh is áit é: dul i dtacaidheacht ar dhaoinibh ná raibh ábalta ar dhíol.

urraidheacht: *b.3.* tacaidheacht, slánaidheacht. Fuaireas airgead ar urraidheacht: ar dhuine do dhul i ngioll liom go ndíolfainn nó go ndíolfadh féin thar mo cheann dá

dteipeadh orm. Thugas urraidheacht leis an mbuin: má faghfaí locht cóir dleaghthach uirthi go n-aisirighinn a luach.

urraim: *b.2. 7 5.* onóir, meas mór, ómós, áird, cádhas. Fuair sé a shlios dár n-urraim, cad eile bheadh uaidh? Tá sé ceangailte ar gach leanbh urraim do thabhairt dá mhuinntir: onóir: bheith umhal dóibh. Sraoill gan urraim di féin, ná d'éinne eile í sin: níl meas aice uirthi féin ná aice do neach eile. Gheóbhair ionad urraime sa tigh seo i lár a bhfeacaís riamh: cead suidhte go hárd. Ná cuir aon nath ann, ní mór urraim ag éinne dho: áird. Labhair lé hurraim, ná bí mío-mhúinte: lé hómós do dhaoinibh.

urramach: *a.* meastamhail, áirdeamhail, géilleamhail, umhallta. Chuadhas ina láthair chómh hurramach agus b'fhéidir liom, cneasta, deaghlabhartha: go humhall: go meastamhail air. Labhair sé go neamh-urramach leis an easbog: ar chuma nách dual labhairt leis maidir le hómós. Ní bhíodh sé urramach don oifigeach is cuireadh as an arm é: ní fhoillsigheadh sé dho an meas a bhí ag dul do. Clann urramach iad san, is fada gur gábhadh focal feargach do labhairt leó: umhal: ómósach: géilleamhail dá muinntir.

urramacht: *b.3.* ómós, géilleadh, éascaidheacht d'uachtarán. Fuair sé urramacht ós na fearaibh a bhí ag obair aige: bhíodh meas aca air, agus chóimhlíonaidís a ndualgas do. Briseadh amach é lé heas-urramacht: ná déanfadh sé na rudaidhe a bhí de dhualgas air. Tugann gach éinne urramacht do i ngach áit dá ngaibheann: bíonn meas air, agus is mór ges na daoinibh é.

ursa: *b.5.* lidhe dorais; teannta, cosantóir. Bíonn sé is a ghuala le hursain aige i rith an lae: ina sheasamh go díomhaoin i mbéal dorais. Ursa na tíre ár dtaoiseach: cosantóir.

urshlogadh: *f.* (*-oigthe*) slogadh mór, alpadh, múchadh. An mhuir mhór ghá n-urshlogadh: ghá múchadh, mbáthadh. Féach ar chuir sé siar an uair úd, nách aige atá an t-urshlogadh: alpadh: craos mór air.

urtlach: *f.1.* aprún, lán aprúin, mála. Urtlach scioltán: lán mála a bhíos déanta oireamhnach lé crochadh ar thosach dhuine. Chaith sé urtlach airgid: cuid mhór.

úrughadh: *f.* (*-uighthe*) taisriughadh, do dhéanamh úr, dreóghadh sa talamh. Tá an aimsir ag úrughadh: ag taisriughadh is ag teacht fén dtalamh. Má fágair an t-adhmad fén sín beidh sé ag úrughadh: taisreacht ag dul air. Ag reamhrughadh is ag úrughadh bréidín: do bhogadh is do ghlanadh. Ag úrughadh mo bhéil lé braon uisce lém theangain: taisriughadh.

úruighim: *b.a. 7 n-a.* athnuadhaim, déinim úr, taisrighim, múduighim. Úruigh do bhéal leis an mbraon so: bain an tiormacht de: fliuch é. Úróchaidh an aimsir is baoghalach, tá ceódh ag tuiteam: taisreóchaidh: tiocfaidh fliuchra. Má fhágair an stáca sa talamh úróchaidh sí: taisreóchaidh is cromfaidh ar dhreóghadh. Caith uisce ar an úrlár, is úruigh é: tá sé ró-thirim: ní chruadhfaidh an bharracht: raghaidh sé i dtaisreacht. Úróchaidh mo chnámha go maith sa chré sara bhfeicfir pioc de uaim: dreóghfaid. Úróchaidh an mhóin leis an gceódh: glacfaidh taisreacht.

ús: *f.1.* uncás ar iasacht airgid. Trí nidhthe gan rath – airgead úis, cubhar na gcárt, gaol na gcnámh: breis gan cheart do chur ar iasacht airgid, airgead tábhairne, pósadh lucht gaoil.

úth: *b.3.* an ball nó an mála i mbuin, i gcaoirigh, i láir nó in aon ainmhidhe lachta mar a mbíonn an bainne. Bó go mbíonn úth bhreágh bhainne aice. Carn-úth: úth cruaidh is ná tálann bainne. "Chuireas amugha gan sabhchus d'éinne buile na húitha is lúth a ngéaga."

útamáil: *b.3.* abláil, gíotáil aindeis, cuardach, dorn-fhásc. Cad é an útamáil atá agat leis na cártaidhibh ach iad do roinnt amach: méaráil: tuaipleáil. "An ndeineann sé aon obair in ao'chor?" – "útamáil": obair gan éifeacht. Útamáil an domhain atá air ina phócaidhibh: cad tá uaidh in ao'chor: cuardach. Bím ag útamáil liom: d'iarraidh mo ghnótha do dhéanamh más nách ró-éascaidh féin é. Budh dheacair dom a dhéanamh amach céaca b'fhearr ar an útamáil a bhí aca: an dul trí chéile ná raibh léir. An útamáil atá déanta ar an dtigh aca: gach aon rud istigh ann caithte tóin thar ceann aca. Ná bí ag útamáil leis, fág id dhiaidh é: ag gabháil de d'iarraidh a shocruighthe, etc. Leis an útamáil a bhí air níor fhéad sé an doras d'iadhamh ina cheart ina dhiaidh: iarracht aindeis. Déineann sé útamáil des gach aonnidh go gcuireann sé a lámh ann: laiteann sé é: déineann sé aindeise dhe.

útamálaidhe: *f.4.* ablálaidhe, gíotálaidhe, aindeiseoir, duine neamh-shlachtmhar, neamh-chríochnamhail; futarálaidhe. Seachain as san uaim, a útamálaidhe, ní bheadh aonnidh déanta go deó agat: aindeiseóir chun ruda do dhéanamh. An t-útamálaidhe bocht, níor cheart obair cháiréiseach mar í do thabhairt in ao'chor do is a luighead a eolais uirthi: duine ná fuil i ndán dul ina feighil mar is ceart. Ó rugadh me ní fheaca aon útamálaidhe mar thu, cathain gheóbhad an t-airgead as do láimh?: duine a chaitheas tamall thar ceart ag ionnramháil lé rud. An mbeadh aon rath go deó ort chun ruda do dhéanamh, a útamálaidhe: ablálaidhe. Nách tú an t-útamálaidhe ná féadfadh leitir do scríobh ina ceart: duine neamh-chruinn, aindeis. Cé déarfaidh gur útamálaidhe me is an méid seo do chur as tóin a chéile?: duine gan dícheall saothair.